Aer = An rud atá faoi gcuairt dúinn idir a' talamh agus neamh, an rud atá as ar gcionn; an spéir, an tsíon.

"D'eirigh sé suas 'san aer" = d'eirigh sé de chothrom talmhan.
"Bíonn na h-éanlaith ar eiteallach san aer." = sa spéir.
Chonnaic mé 'aeroplane' a' dul siar 'san aer" [spéir freisin; bíonn a' dá leagan chomh coitchiannta le na chéile annseo]
"Bhí an t-aer dubh le éanachaí a' féithiú ó dheas."
"Tá an t-aer, sáthach dorcha anocht."
"Ní raibh le feiceál agam go bun an aeir ach daoine."
"Tá an ghrian ag bun an aeir anois, agus is gearr go dteighe sí faoi."
"Caithfe sé go bhfuil sé siar go maith sa lá, mar tá'n ghrian ag bun an aeir."
"Tá'n duibhthean ag bun an aeir" (ag íochtar an aeir) =
"Tá sé dubhachan ag bun an aeir. Is gearr uainn a' braon."
"Ní móide go ndeanfadh sé brígh báistighe. Tá sé 'gealachan aríst ag bun an aeir."
"Ní thaithnigheann na cosa gréine sin imbun an aeir liom. Tá sé tolgadh báistighe déarfainn."
"B'fhurasta d'aithinte ar a raibh de shaighneáin trathnóna aréir ag bun an aeir, go raibh an tuairt seo air."
"Tá bogha ceatha a' cruthú imbun an aeir. Déanfa sé ráig eile"
"Tá sé an-dúinte imbun an aeir thiar. Níl 'trust' a' bith agam as, nach lá sa gclaidhe dhéanfadh sé." = tá'n t-aer thiar ar fad plúchta, agus 'sé mo bharamhail go ndéanfa sé lá báistighe go faoithin dhe.
"Tá an-dubhachan 'san aer thiar (thoir)."
"Shílfeá go bhfuil a' t-aer thiar a' glanadh, agus go bhfuil an duibhthean a' téalachan ó dheas. Ach tá sé 'cothú imbun na gaoithe mar sin fhéin."
"Ní mórán meas atá agam ar an aer dearg sin. Ní fhaca mé 'riamh é, gan a bhuidéilín a bheith leis" = tagann báisteach as an aer dearg nó néalta dearga a bheith ar an spéir."
"Tá báisteach ar an aer anocht" = is furas aithne ar an aer go

go gcaithfe sé báisteach.

"Tá'n gealach ar an aer le uair a' chluig" = in a suidhe

"Tá'n ghrian go h-árd ar an aer fós" = (nó árd ar a' spéir).

"Chomh cínnte a's tá grian ar aer, sin é atá ann"

"Chomh 'siúráilte' a's tá grian ar aer tiocfa sé anocht."

"Bhí sé ina hóró lae, agus an ghrian ar an aer."

"Ba bheag le go raibh an ghealach ar an aer, nuair a chorruigh sé amach"

Bíonn an ghrian árd ar an aer agus a' lá ársuighthe go maith, shul is mian leis an leaba fhágáil."

"Tá'n ghrian maoluighthe siar go maith ar an aer anois."

"Tá'n ghrian siar (íseal, anuas) sa'n aer anois."

Shílfeá gur anuas as mullach an aeir a thuit mé aige, bhí an oiread sin fáilte aige rómham." = nuair a chuirfeadh duine an-fháilte romhat.

"Dheamhan aithne bhí air, nach anuas as mullach an aeir a thuit sí aige, leis an ngairm bhí aige fúithe."

Shílfeá gur anuas as mullach an aeir, a thuitea(nn)s duine aige, bíonn sé chomh faoilidh fáilteach sin."

"Ní fhéadfadh sé a leath-oiread cumaoin a chuir orm, dhá dtuitinn anuas as mullach an aeir chuige."

"Chloisfeá i mullach an aeir a' grágghail é."

"Chlois(f)í an allagar a chuir sé as i mullach an aeir."

"Thuit réaltóg anuas ó mhullach an aeir, agus driobaill soluis uirre."

= 'Bhfeiceann tú an réaltóig sin thoir imbuaic an aeir" = sa bpuinnte is aoirde.

"Bhí an ghrian imbuaic an aeir" = sa bpuinnte is aoirde de'n aer.

"Chuir sé an oiread iongantais orm, a's dhá dtuiteadh an t-aer ar a' talamh."

"Níorbh iongantaighe liom a' t-aer a' tuitim ar a' talamh ná'n chainnt a chaith sé"

Pádraic: ní bheadh fhios agad nach dtuitfeadh sé.

Seán: dhá dtuiteadh an t-aer ar an talamh cé'n chaoi mbeadh sé? (= ní dóichide do'n aer tuitim ar a' talamh agus ní dóichide do'n rud atá i gceist agadsa tárlú ach oiread)

"M'anam gurb shin é 'dhá dtuiteadh an t-aer ar an talamh'"

"Tá'n scéal sin fearacht le 'dhá dtuiteadh an t-aer ar a' talamh'."

"Sé'n cuirigcás sin 'cuirigcás go dtuitfeadh an t-aer ar a' talamh'."

"Tá'n scéal sin a fhearacht ag an té a bhíodh a' rádh 'má thuiteann a' t-aer ar a' talamh'."

"'Ní leithne an t-aer ná'n timpiste'" = [sean-fhocal] = Bíonn a' timpiste is chuile áit. Níl fhios ag duine cá'il fód na timpiste.

"Níl aon duine faoi bhéal an aeir, is grinne ná é" = níl aon duine faoi'n ngréin ghil is grinne ná é.

"Má tá sé faoi bhéal an aeir an té is uilce ná é, is iongantas é."

"Níl a mhacsamhail de leaduidhe faoi bhéal an aeir."

"Dhá gcuirteá slat ar chuile ríoghacht faoi bhéal an aeir, ní bhfuightheá aon dream a bheadh ionchurtha síos leo(b) sin."

"Idir a' t-aer a's an talamh" = samhluighthear gur b'sheo leath-bealaigh idir na flaithis agus an domhan seo."

"Nuair a bhí Dia a' caitheamh Aingeal an Uabhair agus na h-aingle eile amach as na Flaithis, dubhairt Mícheál Árd-aingeal leis, dhá leanfadh Sé Dhá láimh, gur gearr go mbeadh na Flaithis bánuighthe Aige. 'Mar tá siad bíodh siad, mar sin' a deir Dia. Agus an chuid acab a bhí in Ifreann, d'fhanadar ann; an chuid acab a bhí ar Neamh, d'fhanadar ann, agus an chuid acab a bhí idir a' t'aer 'sa' talamh d'fhanadar ann, agus tá siad idir a' t-aer a's a' talamh ó shoin." [Sliocht as scéal faoi 'n gcaoi ar caitheadh Aingeal an Uabhair as na Flaithis].

"Deir siad nach bhfuil righeachan a' bith le na bhfuil d'ainsprideann-
aí idir a' t-aer 'sa talamh, agus nach bhfágfaidís duine 'bith
beo, marach a' súil go leigfe Dia isteach go Flaithis iad
Lá an Bhreitheamhnais."
"Is mo na h-ainsprideannaí adeir siad atá idir a' t-aer a's
an talamh ná in Ifreann fhéin."
"Ag imtheacht idir a' t-aer a's a' talamh chonnaic sé an 'rud'
sabhála Dia sin"
"Sin é an chaoi bhfeicfe duine iad, idir a' t-aer 's'a' talamh
diúltaigheamuide dhóib!"
"Chonnaic sé an sonnda a' dul thairis; idir a' t-aer 'sa' talamh
— a cheann ionann's buailte ar an aer aige, agus a cosa
indáil le scríobadh na talmhana."
"Tá Prugadóir (= Purgadóir) idir a 't-aer 'sa' talamh deir siad."
"Chuala muid ariamh gur idir a' t-aer 'sa' talamh a bhí
Prugadóir."
"Idir a' t-aer 'sa 'talamh atá na h-anamnachaí bochta a'
cuir a bpiorfhiachaí dhíob." (Féach piorfhiachaí)
"Má bhíonn piorfhiachaí le cuir (dh)íot agad, a' faghail bháis
dhuit idir a' t-aer 'sa' talamh a chaithfeas tú iad a
chuir (dh)íot."

"An t-aer dearg thiar, gealach a's grian
An t-aer dearg ó thuaidh, bainne ag na bua(ibh)
An t-aer dearg ó dheas, mil ag gach meach (= beach)
An t-aer dearg thoir, sneachta go frogh"
[Ceathramha faidhligheachta ar an aimsir].

"Tá sé chomh h-árd leis an aer" = rud árd a' bith, duine, cnoc nó eile. "Tá a cheann buailte ar an aer aige" = "tá a cheann a' bualadh an aeir"; "a' scríobadh leis an aer", "ag dul thríd an aer."

"Tá caipín a' chnuic sin bord ar bhord le barr an aeir."

"Dhá mbeitheá in do sheasamh ar a mhullach agus eisean a bheith in a sheasamh ar shimléar tighe. D-, leagfá do láimh ar a' ngeala(igh)" = dubhradh le greann faoi dhuine árd.

"Thógfadh sé an gealach de'n aer, tá láimh chomh fada sin aige."

"Dhá fhada (fhaide) suas a cheann is fuide ná sin an t-aer."

"Níorbh fhearr liom a teanga níos goire dhom ná'n t-aer."

= bean a mbeadh teanga ghéar aice.

"Má tá sé in áit a' bith faoi'n aer, tá sé ro-ghar dhúinn"

= droch-dhuine, no duine narbh fhearr beo é.

"Is cumasach an stuithneachán fir é: tá a chloigeann buailte ar an aer."

"Tá speiricín a' teampuill mhóir an-fhada suas san aer"

(féach speiricín)

"Tá'n buimbiléad siúd ar bharr a' tighe achar maith 'san aer" (in aer = an-árd: (féach buimbiléad).

"Is aoirde 'san aer é ceann a' teampaill mhóir adeir siad, ná barr loch Coirib."

"Sí'n ceann is fuide suas 'san aer í."

"Is mór an ínntreacht (= inntleacht) atá ag daoine agus a bheith indon a dhul suas 'san aer mar sin."

"Tá'n dubhachan ó cheann thoir go dtí ceann thiar an aeir

[aer = spéir]

"Bhí sé fad t'amhairc suas 'san aer."

"Tá a bharr an-árd in aer."

"Tá tighthe in Ameriocá agus is áidhbhéil go deo an aoirde 'san aer atá siad."

"Tá sé an-aoirde 'san aer, ach níl tiughas na téagar a' bith ann" = fear árd.

"Tá sé sínte san aer, ach níl reimhreacht biorán stoca ann" =

fear leighthe árd, caol.

"Tá sé in a shlait 'san aer, ach 'sé mo mheas, go bhfuil sé lag ins

na glúine" = tá sé árd, ach measaim go bhfuil sé lag.

"Tá sé indon cloch a chuir an-achar (an-aoirde) 'san aer."

"Teigheann urchar gunna an-aoirde san aer."

"Tá éadtromán an aeir briste" = déarfaidhe seo nuair a bheadh

an-bháisteach ann" (féach éadtromán).

"Níor mhór píosa a chur ar éadtromán an aeir" = nuair a bheadh

síor-bháisteach ann.

"Is mór atá éadtromán an aeir a' leigean thríd le scathamh" = níl

díon deor in éadtromán an aeir le goirid" = tá'n aimsir

briste ar fad le báistigh.

"Tá sé imthighthe a' deasú éadtromán an aeir, mar ní

raibh 'chuid móna 'triomughadh dhó." = dubhradh ingreann faoi

duine a raibh sé 'cínnt air, a chuid móna a thriomú le

báistigh.

"Is géar a theastóchadh deasú ó éadtromán an aeir ar an

aimsir seo" = aimsir bháistighe.

"Thiar atá an poll in éadtromán an aeir" = "thiar atá

éadtromán an aeir pléasctha (tugtha uaidh; fabhtach etc)" =

Déarfaidhe sé nuair a bháinfeadh sé tamall maith báistighe

amach as gaoith aniar.

"Ní taobh le poll atá sé (i.e. eadtromán an aeir) ach

criathruighthe uiliog" = seo mar fhreagra ar dhuine adubhairt

go raibh poll ar éadtrom an aeir.

"Tá éadtromán an aeir ar an-chaoi" = aimsir bháistighe.

"Tá'n t-éadtromán seo atá ag an bhfear thuas a'

leigean braonacha móra thríd le seachtmhain" = seachtmhain

a' báisteach imbéal a chéile.

Bolg an aeir = eadtromán an aeir; na néalta.

"Tá bolg an aeir briste" = an-bháisteach ann. [Baintear leas as "bolg an aeir" mar éadtromán an aeir" 'sna somplaí réamh-ráidhte]. "Is cumasach a' bolg atá aige mar aer, agus é bheith indon streall a choinneál caithte anuas igcomhnuidhe."

"Tá sé in am ag a bholg a bheith ídighthe (bolg an aeir) feasta" = th'éis scathamh mór a thabhairt a' báisteach.

"Nach áidhbhéil a' lear uisce atá 'san aer, míle buidheachas le Dia!" = déarfaidhe nuair a chaithfeadh sé báisteach mhór.

"Ní fhéadfadh mórán eile báistighe bheith 'san aer, th'éis a dhichill" = nuair a chaithfeadh sé go leor tuilteadh.

"Bhí sé chomh maith fiachaint (fiachtáil = féachaint) le réaltógaí an aeir a ghealladh dhuit, leis a' rud a gheall sé."

"Níor chuir aon-bhean a h-aghaidh le aer (corruair, go h-áithrid is na scéalta cloistear le h-aer) ariamh ba bhreághcha ná í." = bean an-bhreagh.

"Sí'n bhean is breaghaichte í (breaghcha) í 'chuir a h-aghaidh le aer ariamh."

"Níor chuir aon-duine a h-aghaidh le aer ariamh is gráinne ná í."

"Níor facthas a macsamhail ariamh a' cur a h-aghaidh le aer."

"Sí'n phlanndóg is dathamhla í thug aghaidh le aer ariamh."

"Sháruigh sí le slacht aon-duine a thug aghaidh le aer i gcaith(eamh) an tsaoghail ariamh."

"Níl aon áit faoi'n aer is breaghcha ná é" = faoi bhéal an aeir.

"Sé'n talamh is fearr faoi'n aer é."

"Níl a leithide de bhodach faoi'n aer." "Ní bhfuightheá anglóir faoi'n aer is measa ná é." "Tá na daoine is feilmheanaighe agus as subháilcighe faoi'n aer ann."

"Níl aon cheo ó aer go talamh nach bhfuil fhios aige" = (ó neamh ná néal) "Tá sé eolusach ar 'chuile mhíle rud."

"Níl aon ghabha ó aer go talamh a sháróchadh é."

"Níl aon scéal ó aer go talamh nach n-innseochadh sí dhuit

pé'r bith, cá gcloiseann sí iad." = bíonn chuile bharr-nuaidheachta agus chuile chuid aithris aice. "Sé'n sean-fhear is rianamhla ó aer go talamh é" = níl seanchus ná scéal a' bith a' gabhail uaidh; tá fiannuidheacht agus scéalta i mbárr-bhachall aige.

"Níl aon áit ó aer go talamh nar shiubhail sé."

"Níl aon-stolcáinín fir ó aer go talamh is urchóidighe ná é sin, le cur chuige ná uaidh."

"Níl aon-amhrán ná port ó aer go talamh, nach bhfuil ar bharr a ghuib aige."

"Ní feasach mé ó aer go talamh, céard a bhí sé a dheanamh ann.

"Níl aon-rud ó aer go talamh, nach bhfuil a láimh ann" = bíonn a phléidhe le chuile obair, a's chuile chúrsa dhá mbíonn ag imtheacht."

"Cá bhfios domsa ó aer go talamh, céard a thug anoir iad."

"Ní bheadh fhios agad ó aer go talamh, céard a dhéan(ann)s siad lena saothruigheann siad."

"Ní thuigim ó aer go talamh cé'n ciméar a bhuail é, gur phós sé an scubaide sin."

"Ní bheadh fhios ag duine ó aer go talamh, cé'n deis mhaireachtál' atá air."

"Bhí fuisce go h-aer ann" = bhí fuisce go barr-bachall ann; bhí neart fuisce ann.

"Tá airgead go h-aer aige, agus má tá fhéin is air is fhearr an aghaidh é.

"Tá móin go h-aer againn fós."

"Bhí fataí go h-aer aige idtús bliadhna, a's is deacair a chreisteamhaint go bhféadfadh sé caith(eam) a chuir ionnta(b) ar fad."

"Bhí sé ina dhamhsa go h-aer ann ar a theacht domsa."

"Tá féar go h-aer aca(b) annsiúd fós, hérbí (pé'r bith — fébrí, cérbí, cébí) cé'n t-uabhar atá orra(b) nach bhfanann ann"

(beithidhigh)

"Tá coirce go h-aer ann" = fásta an-árd.

"Tá go lá go h-aer fós ann = neart lae; níl baoghal air a bheith in oidhche; tá lá go Baile Átha Cliath fós ann.

"Cé'n smál a bhí orraí(bh) scuireadh chomh luath seo, agus lá go h-aer fós ann."

"D'eireochaidís as obair agus lá go h-aer ann."

"Dhá mbeadh lá go h-aer ann, badh é an mhaith amháin é, mar ní dhéanfaidís buille th'éis an sé 'chlog."

"Bhí sé 'cur uisce go h-aer" = duine bheadh a' cur uisce árd 'san aer de'n bhóthar nó de'n chriathrach agus é siubhal air.

"Tá sé 'cur móna go h-aer" = sleaghdóir ar a mhine-ghéire baint mhóna.

"Bhí sé 'cur creafóige go h-aer" = duine a' spréidheadh nó a' fódú talmhan go tréan.

"Bhí sé 'cur feamuinne go h-aer" = dhá líonadh, dhá píceáil etc.

"Chuir sé clocha go h-aer" = duine a' cur amach 'blaisteannaí', nó a' plé le clocha; nó capall is na caor-theinte ar bhóthar garbh etc.

"Bhí an 'lorry' a' cur leath-chlocha go h-aer, le neart siubhail."

"Chuir sé clocha in aer indiu" = phléasc sé, nó bhris sé, clocha, nó chuir sé de'n bhóthar iad le teann imtheachta.

"Tá sí indon claidhtheachaí a chuir in aer" = bó bhradach nó beithidheach bradach a' bith nó duine, a leagfadh claidhteachaí.

"Beidh tighthe in aer, de bharr na stoirme seo" = leagtha.

"Chuir an 'bomb' an teach fré chéile in aer" = leag sé é.

"Cuireadh in aer 'chuile fhear ar a' bhfeadhain aca(b) leis an 'mine'" = h-árduigheadh nó marbhuigheadh chuile dhuine dá raibh ann.

"Chuir sé in aer é le cuaibhtheach amháin de dhorna (= dorn)" = leag sé é le na shean-dorna.

"Ní raibh an bheirt achar a' bith inglacamus lámh, nuair a chuir Seán in aer é." = leag; shín; d'fhága ar lár.

"Ba ghearr an mhoill air é 'chuir in aer." = é leagan; a shraith

a fhágáil ar lár.

"Ní bhfuair sé tolgán a' bith fhéin an béinneach mór a chuir in aer."

"Cuirfe sé in aer é, as a dheire feicfe tú fhéin."

"Tá sé in am an 'Government' seo a chuir in aer freisin"

= iad a chaith(eamh) amach; iad a chuir de dhruim seoil.

"Sin é an buachaill nach mbeadh a' súmsacht leis, ach é chuir in aer d'aon-iarraidh [súmsacht = muga-maga = gan a neart fré chéile a chuir sa troid]

"Ní bhfuair sé crathadh a' bith é chuir in aer" [crothadh = tolgán = deacracht]

"Chinn air é chuir in aer, aindeon nach cheal a fhiachan' (a fhiachtála) é" [fiachan = fhéachaint] = d'fhéach sé go bog a's go cruadh le na leagan ach chinn dubh a's dubh air.

"Is géar a theastu(igh) sé ó'n gceann céadna a chuir in aer."

"Chuir sé an coca féir in aer d'aon ghualainn amháin" = thug sé gualainn do'n choca féir agus leag sé é.

"Ar chuala tú go bhfuil an chéibh in aer aríst ag an stoirm aréir?"

"Chuir an sinneán mór a bhí ann trathnóna indé, a raibh de stocaí sa ngort in aer" = leag sé iad.

"Sé'n gála a chuir in aer an stáicín coirce, ach ar ndú (ndóigh) b'fhurasta cuir chuice" "Tá sé in aer aríst ag an ngála"

"Cuirfe an geímhreadh seo sean-daoine in aer" = caillfidhear iad.

"Má mhaireann an aimsir seo ibhfad, beidh sean-bheithidhigh craithte in aer" = caillte.

"Ó sháruigh sí an 'tSean-Bhó', is deacair í 'chuir in aer" = ó tháinig sí slán ó fharradh "Laetheanta na Sean-Bhó", tá sé doiligh a marbhú.

"Tá sé roighinighthe (sean-chapall) agus is doiligh i 'chuir in aer."

"Deir siad gurb é 'gairbhshion na cuaiche' a chuir in aer í" = dubhradh ingreann faoi shean-bhó a bhí ar a cailleadh le fada. Ní bhíonn mórán gangaide ingairbhshion na cuaiche agus dhá mbeadh seasamh ceatha a' bith innte thiocfadh sí uaidh.

"Níl puth as aer" = "lá lág" = "níl flaim as aer" [fuaim Bhéarla ar a' bhfocal flaim = flam] = tá calm, "lagar" nó téagla ann.

"Ní raibh puth as aer" ("lá lag" a thiubhradh bádóirí air).

"Ní chorróchadh sé amach dhá mbeadh puth as aer" (flaim, siolla, geoladh, dionnóid, smeáthamh).

"'Dhá mbeadh sé cur shneachta, a's gan flaim as an aer, ach é tuitim in a chárnaí le grasta Mhic Dé'" (as sean-amhrán — "Caitlín Triall". Flaim — an fhuaim Ghaedhilge a chuala mé thuas air, ach flam igcomhnuidhe sa gcainnt i gCois-Fhairrge]

"Níl smeáth(amh) nó dionnóid as aer anocht."

"Ní thiocfadh sé 'un fairrge, dhá mbeadh smeáth(amh) as aer."

"Dhá mbeadh puth as aer, ní chorróchadh sé amach de leic an teallaigh"

"Ag Curra(igh) an Chaisleáin a tháinic an lagar (i.e. téagla) orainn, agus ní raibh flaim as aer uaidh sin aniar."

"Bhí lán a' tseoil (i.e. de chóir) againn go Matal, ach níor fhan puth as aer, uaidh sin amach."

"Is maith a shaothruigh na bádóirí an geábh sin, le lagar. Ní raibh smeáth(amh) as aer acab."

"Is aoibhinn a' lá é. Níl dionnóid as aer."

"Níor shéid aon-lá as aer, ba mheasa ná é" = droch-lá báistighe, nó gála.

"Níor shéid sé deoir as aer nach bhfuair mé" = fuair mé an bháisteach ar fad."

"Badh í an oidhche ba mheasa 'shéid as aer í le báist(igh) agus clocha sneachta"

"Níor shéid a leithide de bháisteach as aer ariamh." = "níor shéid sí as aer ariamh, báisteach ba mheasa ná í."

"Níl deoir as aer anois" = "níl braon, sileadh, snig, as aer anois" = níl sé a' báisteach. "Ní chuirfe (shéidfe, chaithfe etc) sé deoir as aer anocht." "Tá sé triomuighthe anois. Níl sé 'cur deoir as aer"

"Ní chorróchadh sé amach, dhá mbeadh deoir as aer."

"Má bíonn cosamhlacht deoir as aer air, 'sí an áit istigh 'áit"

"Ní raibh oiread a's deoir as aer, agus ní thiocfadh sé amach na dheidh sin d'uireasbha a chóta mór."

"Ritheann sé isteach, má fheiceann sé deoir as aer."

"Ní túisce deoir as aer aige, ná seo isteach é."

"Ar an dá luath a's a gcaithfe sé an chéad deoir as aer, d'fhágfadh sé na seacht sratha ar an iomaire, faitchíos a bhfliuch(f)aidhe é."

"Báisteach as aer í" adéarfaí le báisteach meath-throm go leor.

"Tá sé báisteach as aer" = "tá sé cur as aer."

"Níl aon deoir as aer nach leigeann sé isteach" = droch-chóta, droch-theach droch-bhróig etc.

"Ní chaitheann sé deoir as aer, nach bhfuil istigh."

"Ní choinneochadh an tuighe sin deoir as aer amach"

"Mhol sé go h-aer é" = "níor fhága sé fuigheall molta air.

"Tá siad molta go h-aer aige." "Mhol sé teach na bainse go h-aer."

"A mhic ó mo chroidhe, 'siad atá molta go h-aer aige"

"Bíonn sé ag imtheacht agus a cheann in aer aige" = duine bródamhail, postamh-ail.

"Tá sí chomh spéireamhail a' breathnú agus a ceann in aer aice."

"Imthigheann sé agus a chloigeann thuas san aer aige, gan beannú do dhuine ar bith."

"Bhfuil aithne agad air sin a d'fheicfeá a' siubhal soir a' bóthar agus a chloigeann thuas 'san aer aige."

"Tá'n t-aer dubh le éanachaí" = breactha, druidthe.

"Bhí an t-aer druidthe le géabha fiadháine (géabha riabhacha) a' dul ó dheas: ag imtheacht ó'n sioc atá siad, is dóigh"

"Bhí seacht n-óige an aeir a' seinnm 'sna crainnte" = spideoga, fainleoga, riabhóga, feadóga, fuiseogaí, glasogaí, buidheogaí

[féach "óige"]

"Caitheadh in aer ar fad é" = h-eirigheadh as; rinneadh
neamh-shuím de; caitheadh i gcártaí é. Leigeadh as.
"Nach iongantach a caitheadh na damh(n)saí in aer ar fad, agus a raibh
de thóir orra(b) tamall." = nach mór a' t-iongnadh gur leigeadh asta
ar fad etc.
"Is diabhaltaidhe a chaith siad na cártaí in aer ar fad."
"Bhíodh togha imirt annsin, muis, nó gur caitheadh in aer í."
"Bhíodh an-tsiamsa ar na cleis ag na tórruidheachaí fadó, ach
caitheadh in aer ar fad iad, le scath(amh) blianta anuas."
"'nús (= nós) chuile shórt eile a tháinic do'n tír ariamh, chaith siad an
na báiridheachaí féin in aer."
"Tá'n troid caithte in aer aige" = "tá cúl mór tugtha aige dhi"
= tá sé eirighthe aiste.
"Tá'n t-eirghe amach agus an aerighil caithte in aer aige ó phós sé"
= bhíodh an-tóir aige bheith siubhaltach agus 'imthighthe'
shul (dh)á(r) phós sé, ach d'eirigh sé as sin."
"Tá'n t-iascach caithte in aer ar fad aca(b) ar an saoghal seo."
"Sílim nach hé an t-achar is fuide go gcaithtear an 'dole'
céadna in aer ar fad." = go n-eirightear as.
"Tá'n mhairtfheoil caithte in aer uiliog, agus b'fhurast aithinte"
"Tá'n pósadh caithte in aer aríst" = bhíodar le pósadh, ach tá
an cleamhnas briste aríst.
"Bhí fhios agam go maith go gcaithfeadh sé an scoil in aer as a
dheire." = go n-eireochadh sé aisti.
"Bhí sé igceist go raibh sé siúd le dhul na shagart, ach 'sé
mo mheas gur chaith sé in aer aríst é."
"Thosuigh sé ar theach, ach beag a rinne sé dhi, nuair a chaith sé in
aer é."
"Fuair sé obair i nGaillimh, ach ba gearr a bhain sé aiste gur chaith
sé in aer í."
"Má chaith sé an saothrú sin in aer, níl aon-mhaith a bheith
ag iarraidh maitheasa air."

Lá (oidhce, etc) san aer = 'chuile lá beo, chuile lá dhá n-eirigheann air, chuile lá dhár dhealbh an ghrian.

"Níl aon lá 'san aer, nach gcaitheann sé píosa annseo" = 'chuile lá.

"Níl aon-oidhche san aer, nach ndéanann siad geábh imeartha."

"Níl aon-Aoine 'san aer, nach dteigheann sé i gcoinne an phinsean."

"Sin í a cheird chuile Dhomhnach 'san aer — a' biorrú chlaidhtheachaí"

"Níl Domhnach 'san aer, nach gcaitheann sé cupla urchar iascaigh."

"Sé'n teach ósta 'áit chuile thrathnóna san aer."

"Níl aon-mhaidin 'san aer, nach dteigheann sé thart, agus is mór a' t-iongnadh nach ndeacha sé thart indiu."

"Dheamhan lá 'san aer nach dteagann (= dtagann) leitir chuige."

"Dheamhan thiomanta seachtmhain 'san aer, nach dteagann punt pinsean isteach sa teach sin, agus nach mór a' mhaith orru(b) é."

"Dheamhan Satharn 'san aer, nach dteigheann 'sé 'na bhaile mhóir, agus ní hí baladh na pluide a bhío(nn)s air, a' toidheacht abhaile."

"Uair 'sna naoi n-áird a castaí isteach é, roimhe seo, ach dheamhan Domhnach 'san aer nach dtagann sé anois."

"Níl thairis sin de ghnaoi aca(b) air, agus níl aon-oidhche san aer, nach ann istigh ata sé gróigthe ar a chairín ina dheidh sin."

"Níl aon lá 'san aer ó cuireadh bannlá(mh) de chota air, nach mbíodh sé 'steach 's 'amach annseo, agus má bhíodh fhéin, ba ghreannamhail a' chuideachta é."

"Tugann a' máighistir dual na druinne dhó chuile lá 'san aer ag a' scoil, agus má thugann féin, tá sé 'cínnt air aon-bhlas múineadh a' chuir air"

"Níl mí 'san aer, nach dteagann (= dtagann) chúig phunta dhéag isteach chuca(b) idir a' dá pháige."

"Bheadh ciall amanntaí, ach is gránda an rud a bheith ar a' gceird sin 'chuile oidhche 'san aer"

"Is fhearr dhuit a dhul amach faoi'n aer, a's gan a bheith cruptha istigh annsin i gcomhnuidhe."

"B'fhearr liom féin amuigh faoi'n aer, ná istigh."

"Dhéanfadh sé maith do dhuine bheith amuigh faoi'n aer scaithtí"

"Is mór a' follántas, bheith faoi'n aer indiu."

"Amuigh faoi'n aer, atá sé ag obair in Ameriocá" = mar bheadh sé le obair thalmhan, 'déanamh bóthair etc.

"Nuair a thiocfas an lá breagh in aice chongnamh Dé, féadfa tú siubhal isteach 's amach faoi'n aer."

"Ba mhór a' rath ort, corr-gheábh, a thabhairt amach faoi'n aer, (fh)arrus a bheith cuibhrighthe istigh annsin igcomhnuidhe."

"Ní fhaca sé an t-aer le saoghal a's aimsir" = níor chorruigh sé amach a's an teach. Duine 'bheadh buailte suas.

"Tá sé amuigh a' glacadh an aeir dhó fhéin" = duine a' spaisteoireacht nó in a shuidhe amuigh.

"Tá an t-aer folláin (trom, tais, fuar, te etc) 'san áit sin."

"Tá iomarca freigh-fhliuchais 'san aer ann ag fear eitinne" = tá'n t-aer ro-thais ag fear eitinne.

"Tá'n t-aer trom agus plúchtaighthe ann, thar áit eile."

"Aer an-mharbhthánta atá ann" = aer, trom, meath-mheirbh.

"Tá mianach seaca 'san aer anocht" = é fuar, mar bheadh sioc air.

"Tá rosamh (smúit, ceo, etc), san aer" [féach "rosamh"]

"Tá fuacht an gheimhridh 'san aer anocht."

"Bhí an-ghoile agam ann, marab é an t-aer a rinne dhom é."

"Gheobhfainn mo shlainte thar cionn ann, má's 'sé an t-aer é nó nach hé."

"Tá'n slaghdán bradach sin ag imtheacht 'san aer" = ní call é 'thógáil ó dhuine eile, tá síol an ghalra ar eiteallach thart 'san aer.

"Níor mhór dhuit a dhul ar athrú aeir" = athrú go dtí áit eile. Ceaptar go gcuideochadh sin le slainte dhuine.

"Má tá mío-shláinte air, b'fhearr dhó 'dhul ar athrú aeir."

"Dhéanfadh malrait (athrú) aeir maith dhuit ar an eitinn."

"Na daoine 'mbíonn eitinn orra(b), teigheann siad ar fad ar mhalrait aeir."

"Cuideocha sinseáil aeir, go maith leis, ar a' tinneas sin."

"Deir siad go bhfuil aer 'Mheriocá an-chóireamhail ag a' tinneas sin" = déanann aer Mheriocá maith a chuir ar dhuine 'bhfuil an tinneas sin air.

"Má theigheann tú ar shinseáil aeir, b'fhéidir dhuit téalachan as."

"Sinseáil aeir a d'oibrigh mo cholainn."

"Tá'n ghearradh ghionnach orm, ó tháinic mé ar mhalrait aeir" = tá mo ghoile thar cionn agam, ó tháinic mé ar athrú aeir"

"D'íosfainn a' t-ádh Mhuimhneach anois, maran athrú aeir a rinne dhom é."

"Má imthigheann tú ar shinseáil aeir, go ceann scatha(mh) feicfe tú fhéin air, nach mbeidh tú casaoid ar do ghoile."

"Mara dteightheá ach síos Gaillimh coicís nó mí, is mór a' t-athrú aeir dhuit é."

"Tá athrú ar an aer ann in a dheidh sin, fharrus an áit seo."

"Bíonn an t-aer múscaidh, tais i gcomhnuidhe in Árainn, ach déar(f)aí in a dhiaidh sin, go bhfuil sé folláin."

"Tá'n t-aer i gcomhnuidhe teann, tirm i bhfad ó'n bhfairrge" = bíonn sé cruadh tirm.

"Níl gaimh a' bith 'san aer adeir siad in Árainn — ní call aon-bhó a chuir isteach ann, i gcaitheamh na bliadhna."

"Bíonn a' t-aer an-phlúchtaighthe 'sna bailtí móra igcomhnuidhe" = trom, agus rudaí mío-fholláine thríd.

"Níl aer na tíre seo, feilteach ag na h-éadaighe scagacha sin" = tá'n tír seo ro-fhuar ag éadaighe éadtroma.

"Is suarach an ailím do dhuine a bheith amuigh i gcomhnuidhe faoi aer na h-oidhche."

Aer = siamsa, eirghe-amach, saoire, nó spaisteoireacht, nó fos sláinte.

"'Is mise an t-óigfhear a ghlacfas fós leat, agus nach
n-éileocha bonn spré.
A bhéarfas aer bailtí mór (dh)uit agus arán ar tuaith
Ceol a's spóirt gach aon-oidhche Dhomhnaigh, dhá dteigheamuid ar
cuairt
A's beidh fáilte mhór ag mo mhíle stór rómham a' gabhail a' Droighneán
Donn" [ceathramha de'n "Droighneán Donn"]

"Tá aer bailtí mór aige" = eirigheann sé amach agus ionnsuigheann sé na bailtí móra, go bhfaghann sé siamsa ionnta (nó follántas nó athrú aeir, nó scíth nó a samhail]

"Níl aon-tsástuigheacht aige ann, go bhfagha sé aer a' bhaile mhóir."

"Sin é an fear agad, a thiubhras aer a' bhaile mhóir dhá bhean, ní (hé) fhearacht sin ag daoine eile é."

"Badh cheart dhuit a dhul ar aer an bhaile mhóir (faoi aer a' bhaile mhóir) go ceann tamaill."

"Is maith a rinne tú é 'thapú: is corr-uair a fhagha(nn)s duine an deis a dhul ar aer an bhaile mhóir."

"Gheobhfa sé aer thiar annsiúd, rud nach bhfaighead sé aniar annseo" = eirghe-amach, spóirt, siamsa.

"Cé'n uair a fuair mise aon-aer, ná aon-eirghe amach?" = cé'n uair a d'fhéad mé an baile a fhágáil, agus a dhul a' lorg siamsa ná fos-sláinte in áit eile.

"Is mór a' t-aer dhuit, bualadh síos go Bóthar na Trágha ar feadh coicíse." = is mór an t-eirghe-amach duit é."

Aer a' tsaoghail = siamsa, eirghe-amach, a' baint faic amach; imthighthe ar rothaí an tsaoghail

"Is beag an imnidhe atá air, ag imtheacht le aer a' tsaoghail."

"Tá sé igcomhnuidhe imthighthe le aer a' tsaoghail."

"Ní dheanann sé comhnuidhe 'bith ach imthighthe le aer a' tsaoghail"

"Sin é atá fághail aer a' tsaoghail" = "is aige atá aer a' tsaoghail"

"Ní sheasfa aer a' tsaoghail igcomhnuidhe dhó"

"Cé bhacfadh le obair, chomh uain's fhéadfas duine imtheacht leis, le aer a' tsaoghail.

"Tá na réigiúin fré chéile siubhalta aige, ag imtheacht le aer a' tsaoghail."

"Is dhó is fusa imtheacht le aer a' tsaoghail: sé is lugha aireochas é."

"Níl aon-ghoir ag daoine bochta a bheith 'comártas le daoine móra a fhéadfas gacha le lá a chaithe(amh) imthighthe le aer a' tsaoghail."

"Ní comártas a' bith dhuitse boicíní a fhéadfas airgead a chaitheamh le aer a' tsaoghail."

"Chaith sé 'raibh aige le aer a' tsaoghail."

"Nuair a bhí aige fanacht ó (de) aer a' tsaoghail, níor fhan sé uaidh."

"Is furasta a dhíol d'aer a' tsaoghail a thabhairt do'n duine bocht anois."

"Bhí dhá chroidhe aige sin, nuair a bhíodh sé ag imtheacht ar aer an tsaoghail."

"Chaith sé seal fada ar aer a' tsaoghail, ach deir siad nuair a stopas a' síol go stopa an fuirseadh" = nuair a bhío(nn)s an t-airgead ídighthe, caithfear cúl a thabhairt do'n eirghe amach agus do'n dreabhlás.

"Bhain sé píosa maith amach ar aer a' tsaoghail, a's ní sheasann rud a' bith ach tamall."

A' déanamh aeir [fuaim 'w' ar 'mh' annseo] = ag imtheacht ar aer a' tsaoghail; ag aermuidheacht, a' lorg siamsa, nó fos-slainte nó ar eirghe amach.

"Tá sé deanamh aeir imBóthar na Tragha ar a' saoghal seo, chuala mé"

"'Sí cuid a' bheagán a chuid maitheasa siúd, mara bhfaga sé a dhul a' déanamh aeir."

"Níl Domhnach a' bith, nach mbíonn sé imthighthe a' déanamh aeir dhó fhéin."

"Tá an saoghal bruigheanach fámuirí, ag dul thart a' déanamh aeir i mbliadhna."

"Ní fhaca mé an oiread i gcaith(eamh) an tsaoghail, a's tá 'deanamh aeir ag an gCéibh indiu."

"Tá sé in ainm's a bheith imthighthe thart soir, a' déanamh aeir ach dar liom péin, gur faoi lámha dochtúirí atá sé a' gabhail, ach go bhfuil siad fhéin dhá cheilt sin."

"Tá'n iomarca cruadhóige orm, le dhul a' déanamh aeir indiu."

"Lucht déanamh aeir (lucht déanta corr-uair) atá ionnta(b) sin"

"Tá an t-uathbhás fámuirí agus lucht deanamh aeir thart siar i mbliadhna."

"Tá mé brath ar a dhul a' déanamh aeir dhomh fhéin scath(amh)"

"Siúd í an cailín atá ag eirghe amach a's a' deanamh aeir dhi fhéin."

"Ní fheiceann muide de mhaith ina dhiaidh aon-lá sa mbliadhain. Ach é ag imtheacht ag gabhail 'Laddy OLee' (nó Eileen ó'na Ruan) a's a' deanamh aeir."

"Cá'r chaith tú 'déanamh aeir imbliadhna?"

Adhartha = aidiacht nó doi-bhriathar = simplí; sodhantach; leath-amaideach; neamh-ghusamhail; mío-thuiscionach ["adh" mar tá i "dTadhg"]
[Focal an-choitchiannta é ar an Achréidh].

"Nach tú a shílea(nn)s na daoine a bheith adharthaí agad!" = nach tú a shíleas iad a bheith seafóideach, simplí, sodhantach nó mío-thuiscionach.
"Nach sib a shílea(nn)s mé a bheith adharthaí, go scarfainn le mo ghiodán talmhana, ar scáth scilling 'árdú" [: sean-duine a gheobhfadh an pinsean iomlán — scilling thar mar bhí sé a fhaghail cheana — dá dtugadh sé suas a chuid talmhan' amach a's amach dá mhac]. "Ógánach adharthaí a bhí ann, a's bhí buachuill báire ar bith indon imeartas air, nó 'mbeadh aige a mhealladh uaidh." "Duine leath-adhartha go leor é: chreidfead sé rud ar bith adéarfá leis." "Indar leat fhéin, dhá mbeitheá a' cainnt léithe mar sin, go bhfuil sí an-adhartha, ach is beag a' néal atá uirre sin, in a bealach fhéin." "Ní bhéarfadh duine 'bith, mura mbeadh duine adhartha ann go díreach, aon-ghéilleadh dhó sin. Nach cainnt ar sraith a bhío(nn)s aige igcomhnuidhe!" "Dhá adhartha dhá bhfuil a' bhean, is measa arís Seán. Fear a' bith a shanntuigh an sean-'mhótar' sin thiar ag G. a cheannacht, ná bac leis! A's nach fiú bonn a's leithphighinn an tsean-chabhail sin, atá ann ó'n dílinn."
"Nach adhartha an mhaise dhó é, a' ceapadh go dtiubhradh fear ar bith a 'mhachine' in aisce dhó, agus an chruadhóg atá ag chuile dhuine le na cheann fhéin ar an aimsir atá ann." "Bhí cuid de na daoine an-adhartha fadó. Smuintighim (: smaointighim) fhéin an uair, dhá mbeadh duine go dona chor a' bith, go n-abruigheadh na sean-daoine gur imthighthe go Cnoc Meadha a bheadh sé. Tá'n tseafóid sin, caithte i gcártaí anois, ar chuma'r bith." "Déarfá go bhfuil chuile duine go tóin acu, roinnt bheag adhartaí — simplidhe — thar mar bheadh daoine eile. 'Bhfeiceann tú Seán sin ann? Shílfeá gur naoidheanán a' cainnt é." "An té a aireochas sé sin, buille adhartha chor a' bith leagfa sé isteach chuige. 'Sé atá deas air." "Is diabhluidhe adhartha an duine thú, a dhul a' seasamh óil do na súdairí sin, a's nach mbeidís ach a' magadh fút taobh thiar de do chúl." "Tá saithe (: cluithche daoine) thart annseo anois, a's d'imthigh an cleabhar críochnuighte orru! Má fhaghann siad duine adhartha chor a' bith, 'sé a mbuac é."

Aerach = (i) siamsamhail; tórtha d'eirghe amach nó dhá bheith
a' déanamh aeir; ceann-ar-bior.

"Is aerach a' cailín í" = "cailín aerach í." "Mac aerach é sin."
"Is aerach an cailín báire í."
"Tá an inghean sin thiar ag S. Bh. chomh h-aerach leis an gcaislín
cloch."
"Is aeraighe í ná'n caislín cloch."
"Bhí sí aerach ach sin é 'raibh de dhochar innte"
"Ta sí chomh h-aerach leis an éinín ar craoibh"
"Ní fhaca tú cailín aerach ariamh ag imtheacht le fán a' tsaoghail."
"'Bhí mé seal chomh h-aerach leis an éinín atá in a long ar chraoibh'"
[Líne as sean-amhrán]
"'Mo chreach a's mo dhíth, nach bhfuil éadach orm ná bláth
Ná gearráinín aerach a bhéarfadh mise in aon áit'"
[sliocht as "Péarla Deas an tSléibh' Bháin"]

Aeramáil = eirghe in áirde; súnás siamsa; splanncuighthe (ch)un spóirte, damhsa agus rl. giodam.

"Bhí aeramáil éicínt faoi" [Tomás Bairéad Muighcuilinn] = bhí eirghe in áirde air; bhí súnás siamsa air; bhí sé beo-phianta mara bhfaghadh sé ughdar siamsa.

"Cé'n aeramáil atá faoi chor a' bith." "Sí'n aeramáil sin a fhágfas ballaí fuara aige fhéin."

"Níl coimheas a' bith leis le aeramáil" = ta sé leath-éadtrom le eirghe in áirde."

"Is mairg nach dtiubhradh cead aeramála dhó: feicfe tú fhéin air, go múinfe an saoghal é, agus nach múineadh in aisce é, ach an oiread."

"Dhá mhéad aeramáil dhá bhfuil faoi, ní leigeann sé aon-lúib síos in a ghnaithí."

"Aeramáil a's eirghe in áirde a chuirfeas de dhruim tighe é, mara dtuga sé aire thar cíonn dó féin."

"Tá sé in am aige feasta choidhchin, roinnt céille a bheith aige, agus eirghe as an aeramáil."

Aerighil = fonn eirghe-amach; tórtha ar a bheith 'déanamh aeir;

"Sí'n aerighil a d'fhág ar a' gcaoi sin é." "Mara n-eirighe tú as do chuid aerighle [aeraola — an fhoghar], ní bheidh rath ná ríoghacht ort choidhchin." "Nach fada ó bhaile a thug a chuid aerighle é."
"Níl ceannús ceann a' bith uirre, le aerighil."
"Tá sí in a ceann-ar-bior le aerighil."
"Níl a leithide eile ann, le aerighil."
"Tá dhá chroidhe aige, le aerighil." 'Sí chuid aerighle fhéin a d'fhága 'g iarraidh a chodach é." "Marach an aerighil bheag atá 'siubhal leis, níl cinneadh 'bith le na chuid ínntreachta" (= inntleachta)
"Ní bheidh aon-fhorás choidchin air ag a chuid aerighle féin."
"Ní fhaca tú duine ariamh a mbeadh an aerighil ann, nach ndéanfadh gna(ithe) maith sa deire."
"Is mór de'n aerighil atá 'siubhal leis."
"Má bhain seafóid dó, ní as aerighil é."

Aermuidheacht = ag eirghe-amach, agus a' déanamh aeir.

[Baintear leas as corr-uair, i leaba "ag déanamh aeir" — aon-rud amháin iad, ach gur coitchiannta an leagan deire.]

"Tá sé ag aermuidheacht." = a' deanamh aeir.

"Chaith mé an lá ag aermuidheacht dom fhéin, abuil na fámuiri, i mBóthar na Trágha."

"Nach é atá tórtha ar an aermuidheacht i gcomhnuidhe?" = nach air atá an fonn aermuidheachta i gcomhnuidhe.

"Áit dheas aermuidheachta an áit sin."

"Is mór an áit aermuidheachta é Bóthar na Trágha chuile shamhradh."

"Is beag aermuidheacht' a rinne sé, ná d'fhéad sé a déanamh le blianta beaga anuas."

"Ní raibh an súnás (saobhnós?) ná'n aermuidheacht seo ar na daoine ariamh go dtí an saoghal seo fhéin."

Áfach, ádhbhach = scailp an ghliomaigh; an poll a lonnuigheann an gliomach ann, sa gcladach [aice a tugtar air in áiteachaí — Cárna]

"Chuaidh an gliomach isteach san áfach." [féach "Béal Beo" l. 148]

"Chrup sé é fhéin isteach 'san áfach." "Ó théaltuigh sé 'steach 'san áfach, ní raibh aon-ghoir againn drannadh leis"

"Chomh luath a's fuair sé é fhéin, dealuighthe as a' bpota, thug sé an áfach air fhéin, agus ní fheicfeamuid aríst go luath é."

"Is gearr (= geall) le áfach gliomaigh an phrucóg de theach atá aige."

Ágóid = scubaide de bhean; beainín chlaoidhte chaithte, gan aon-téagar agus gothadh caillte uirre. Sraoill, straoill.

"Nach hí an ágóid í?"

"Ní fhaca mé aon-ágóid chomh h-imthighthe léithe in mo shaoghal ariamh."

= ní fhaca mé aon-bhean chomh claoidhte ná chomh suaidhte ná chomh cáillte léithe ariamh.

"Is gann a chuaidh an saoghal air a dhul i gcleitheamhnas le na leithide sin d'ágóid a phósadh."

"Muise an ágóidín, cé phósfadh í!"

"Dhá mbeadh an oiread eile spré aice, an ágóidín bhocht, ní bhfuigheadh sí fear a h-iarrtha."

"Is deas an ball idteach an ágóid sin!" = ní ball deas i dteach í.

"Bhí sé thart agus an ágóid sin a phósadh" = "is géar a bhí bean uaidh agus í a phósadh."

"Ní fheicfeá a macsamhail d'ágóid, dhá gcuirtheá slat ar pharráiste."

"Níl ann (n)ach' go bhfuil na ceithre eite san ágóid, agus choinneochadh sí coc leat in a dhiaidh sin" = níl ann ach go bhfuil sí indiaidh a chéile, tá sí chomh chaithte, snuighte sin, agus aindeoin si, choinneochadh

sí achrann nó sciolladóireacht leat.

"Ágóid bhradach gan aon-déanamh (déantús) maitheasa í"

= bean gan aon-téagar, agus nach bhfuil indon aon-obair a

dhéanamh í. [Déana(mh) maitheasa = Cois Fhairrge go h-iondamhail;

déantús maitheasa — Conamara siar, ach cloistear é corr-uair

i gCois-Fhairrge]

"Cá bhfaigheadh an ágóid déantús maitheasa? Thiocfadh sé cruadh

léithe a béilí a réidhteach, ní áir(mh)ighim a mhaltraid."

"Má fhágann tú faoi'n ágóid sin é, beidh sé gan deanamh" (graithí

gan déanamh a bheidheas ann) = má fhágann tú aice le

deanamh é, ní dhéanfa sí é.

"Tá'n oiread talmhan faoi'n ágóid, agus a bheadh faoi bhean mhaith"

= "tá sí chomh leitheadach, an agóid, le bean mhaith."

Shílfeá gur uirre atá an ghrian ag eirghe, an ágóid."

"Síleann sí, an ágóid, gurab í fhéin, spéire na gréine"

= ceapann sí go bhfuil sí an-bhreagh agus an-tslachtmhar."

"Sí a leithide d'ágóid is leitheadaighe (is gaisceamhla,

is teinne, is postamhla etc) a labhairfeadh" (Labhairfeadh,

labhairfidh mé: is coitchiannta na leaganachaí seo ar

an Aimsir Fháistinigh agus ar an Modh Coingheallach faoi

Chois-Fhairrge ná labhrócha, labhróchadh. Nuair a bhíos an

dá leagan deire sin ann laibhreocha, laibhreochadh

adeirtear]

"Ní raibh sé in a ghamal ariamh gur thug sé an ágóid sin isteach faoi'na theach" (ar a' teallach aige fhéin) = gur phós sé í.

"Buaileadh an ágóid cheart air" = phós sé bean gan mhaith gan mhaoin; cuireadh dalladh mullóg air gur phós sé í.

"Is maith a chruthóchas sé nó fágfa an ágóid de bhean atá aige, mála na déirce air (aniar faoi na dhruím, ar a dhruím etc) = déanfa sé tíoghbhus maith nó cuirfe sí a' lorg na déirce é.

"Sí an ágóid de bhean atá aige, is cionntaighe leis."

"Marach an ágóid is bean dó, ba mhaith í 'ghreím 's a dheoch."

"Cé'n ciméar a bhí air chor a' bith (cé'n slám) agus an ágóid sin a phósadh" = cé'n slám, cé'n dalladh mullóg etc.

"Ní hí an ágóid a phós sé (n)ach a' spré."

"Is beag a' cheapadh a bhí ag duine a' bith an lá phós sé an ágóid sin, go bhfanfadh cuma ná caoi orrab (go gcoinneochadh siad aon-teach, go ndéanfaidís aon-ghra(ithe); go ndéanfaidís téagar; go ndéanfaidís bun etc), ach chuala mé ariamh go mbíonn a' sonas indiaidh na sraoilligheachta."

"Ní dhéanfa tú lá de do leas má phósann tú an ágóid sin."

"Is suarach an éadáil idteach í an ágóid sin."

"Ní bhfuair sé aon-lá suaimhnis (suímnis adeirtear), ó ceangluigheadh é leis an ágóid sin."

"Caithfe sé glacadh léithe (cur suas léithe) ó phós sé an ágóidín."

"Sí'n ágóid is lugha slaicht sa bpobal í."

"Ní fearrde an pobal a dtiocfa an ágóid thríd."

"Níl cuid súl a' bith 'san ágóid" = níl aon-tslacht innte.

"Sí'n ágóid sin a chuirfeas síos sa talamh é" = "sí'n ágóid sin a thiubhras bás dó"

"Tá ruibh ar an ágóid" = tá sí an-olc.

"Ní chuirfeadh éadach a' tsaoghail aon-tslacht ar an

ágóid."

"Tá gob ar an ágóidín" = ruibh; gob sciolladóireachta.

"Choinneochadh an ágóid, cocaireacht le lán tighe" = choinneochadh sí

cainnt, achrann le cuid mhaith.

"'Ná tabhair áirde ar an ágóid, coinnigh féin an drár ort'"

[sliocht as amhrán — "A Sheáin a Mhic Mo Chomhursan"]

Ágrughadh (agairt) [Féach Foclóir an Duinnínigh — agairt, agair, agar]
= sásamh nó díoghaltas a bhaint amach; rud a thógáil suas;
tromadh, nó teacht anuas ar dhuine.

"Nár ágruighidh Dia ort é, bheith cainnt mar sin!" = nar
thaga Dia anuas ort, nar bhaine Dia dioghaltas díot faoi'n
gcainnt sin!
"Nár agruighidh Dia air, a rádh go bhfuil airgead agamsa!"
"Nár agruighidh Dia ort a shamhlú liomsa, go bhfuair mé tada dhá
bhárr!"
"Nár ágruighidh Dia do chuid gársamhlacht' ort!"
"Nár ágruighidh Dia do chuid gráiscínteacht' ort (do chuid eascainidhe
mionna mór etc. Féach gráiscínteacht).
"Nár agruighidh Dia do chionnta (do pheacaidhe, do chuid droch-
mhúineadh etc) ort!"
"Nár ágruighidh Dia ort a bheith ar a' gcainnt sin!"
"Nár ágruighidh Dia ort a bheith ar a' gcaoi atá ort!"
"Nar ágruighidh Dia 'chuid bréag air!"
"Nar ágruighidh Dia orainn é, mara gnaoidheamhail a'
chainnt atá tarraingthe 'nuas a'inn!"
"Nár agruighidh Dia air, 'bheith chomh dona dhá chomhursa!"
"Nar agruighe Dia orainn é, an lá deire!" "Nar agruighidh dia
orainn é, ar uair ar mbáis!"
"D'ágru(igh) Dia air 'bheith chomh dona sin dó fhéin."
"Nach bhfuil fhios agad go maith gur ágru(igh) Dia ar dhuine, anshógh
mar sin a leigean air fhéin — tús na breithe ag Mac Dé."
"D'ágru(igh) Dia as a dheire air, an chréatúlacht a rinne sé
ar dhaoine bochta."
"D'ágru(igh) Dia air — d'ágru(igh) sin — an éagcóir a rinne sé féin."
"Ar chuala tú an chaoi ar ágru(igh) Dia ar bhean a'
leanna fadó é, nuair nach dtugadh sí an tomhas (tus) ceart
uaithe — níl peacadh 'bith is measa ná peacadh an tomhais."
[Sean-scéal atá i gceist annsin. Casadh bean d'fhear agus é
siubhal ar an sliabh. Bhí ceaig dhá iomchur aice, agus thairg mo

dhuine é thabhairt scathamh di. Dubhairt sí leis nach mbeadh aon ghoir aige, feannc a bhaint as, ar a' talamh; go raibh na mílte galún ann a bhain sí amach le éagcóir ar feadh a saoghail, agus go gcaithfeadh sí iad 'iomchur nó go mbeadh a peirfhiachaí dhi aice]

"Mara n-ágruighe Dia an meadhchan cam uirre, bíodh sí buidheach" [meadhchan cam = meadhchan uireasbhach]

"Marar ágru(igh) Dia, an éagcóir a rinne sé ar bhaintreabhchaí agus ar dhilleachtaí air-sean, is aoibhinn dúinne!"

"Is mór atá len ágairt ag dia air, diúltuigheamuide dó!" = is mór iad a chionnta agus a pheacaidhe, agus nar leige Dia go mbeadh sé de smál orainne a fhaisean a leanacht!

"Nár leige Dia, go n-ágróchadh Dia ar bpeacaidhe orainn!"

"Nar agruighe Dia orm é, bhuail mé é"

"Nar agruighe Dia air a dhul a' fiacha ar a' gcréatúr bocht sin!"

Agús [féach Foclóir a' Duinnínigh] = biseach ar chainnt; leagan ar chainnt streille ar scéal; conntar.

"Is maith a chaithfeadh sé agús a chuir sa scéal" = tuille a chuir leis, nó streille a chuir air a d'fheilfeadh é féin."
"Níor chuir mé an t-agús sin sa gcainnt beag ná mór."
"Tá agús eicínt eile ann fharrus sin" = déarfaidhe seo, nuair a ceapfaidhe nach mbeadh duine ag innseacht scéil in iomlán, nó go mbeadh sé 'cur craicinn air dhó fhéin.
"Ní taobh le agús a bhí sé aige shul má bhí sé réidh; ach bhí an scéal as a chuma uilig aige aige."
"Chuirfeadh sí sin cainnt a' bith as cumraidheacht le agúsachaí dhá cuid fhéin."
"'Sé atá indon an fhírinne a chuir as a riocht: níl scéal a' bith nach mbíonn gacha le agús aige fhéin ann."
"Cé'n sórt agús é sin a chuir sé fhéin ann."
"Ná géill (dh)ó! É féin a chuir a't-agús sin ann."
"Chuir sé agús san udhachta, dhá bpósadh aon-duine do chlann Mháirdhia, go sroichfeadh an t-airgead uilig do mhac a dhearbhráthra" [agús annseo = conntar]
"Fainic nach bhfuil agús fharrus sin sa margadh."
"Bheadh an socrú sin ceart go leor, marach go bhfuil agús ann go bhféadfa sé muid a chuir as seilbh, aon-uair is breagh leis é."
"Bhí sé 'cur agúsachaí ann, nó nach raibh fhios agamsa, cé'n chaoi raibh an scéal as a dheire."
"Ní raibh sé ariamh fhéin indon scéal a innseacht gan agús a chuir ann."
"Chuir sé é sin freisin san agús" = dubhairt sé é sin freisin; thug sé síos é sin.
"Nuair a bhío(nn)s siad a' baint trí bhuaic de na h-aiséadaigh, deireann siad paidreachaí, agus cuireann siad leigheas duine a's beithidheach 'san agús freisin" = iarrann siad go mbeadh leigheas duine agus beithidheach 'sna beanna a bhaintear d'aiséadaigh cuirp agus iad dhá chur sa gcon(t)ra.
"Tá leigheas duine agus beithidheach ann (i mbeanna an aiséadaigh) agus 'chuile shórt eile a chuirfeá san agús" = adéarfá; nó leigheas

rud a' bith eile a d'iarrfá.

"Is dona a chruthuigh tú nar chuir an méid sin san agús freisin" = ba cheart duit an méid sin a rádh, nó a chuir sa gcainnt, nó de chonntar sa margadh

"Seachain a bhfágfá an chainnt sin as an agús, nó ní bheadh cuma ná caoi uirre.

"Feicfe tú fhéin air, go gcuirfe an t-aturnae, cuile mhíle nidh san agús — sin í a ghna(ithe)!"

Aibéis = dóigh-mhagaidh; ámhuilleacht; thú a chur as do bhuille nó míonós a dheanamh ort (sí an chiall dheire sin is iondamhla leis i gCois-Fhairrge) duine ciotach slíbearáilte.

"Rinne sé aibéis (dh)íom" = chuir sé thar bharr mo chéille mé le ealadhain, ámhuilleacht nó míonós.
"Déanfa an ruifíneach sin aibéis dhíot, mara gcuire tú dhíot in aoinfheacht é."
"Tá aibéis déanta aige d'fhear an phosta, a' rith roimhe chuile lá."
"Chuirfeadh sé sin crích Mhuire thrídh na chéile a' déanamh aibéise de dhaoine"
"Ná tabhair a chead dó, aibéis a dhéanamh dhíot, nó tuige nach bhfuil rath 'bith leat féin."
"Déanfa sí aibéis de'n bhaile, má mhaireann di, ar a' gceird sin."
"Fhobair a' capall aibéis a dhéanamh dhíom trathnóna" = nuair a bheadh sí do-cheannsuighthe, nó cuthach imtheachta uirre agus thú 'líonadh ualaigh uirre, nó a macsamhail.
"Tá mé in m'aibéis críochnuighthe ag gabhair na Críche Duibhe, atá 'dul i mbraduighil orm imbárr a' baile."
"Ní raibh mé i m'aibéis ariamh go dtí anois" = nuair a bheadh duine sáinnighthe nó gan fios rúin nó soiscéilaige, céard a bheadh aige a dhéanamh, agus é i dteannta.
"I m'aibéis atá mé chuile lá dá n-eirigheann orm, ag na caoirigh céadna, fébrí cé'n súnás (saobhnós?) atá orra(b) fharrus caoirigh 'bith sa tír."
"Sin é an uair a bheidheas na daoine ina n-aibéis, má bhactar iad a dhul a' t-aithgiorra sin."
"Tabhair aibéis orm, mara mbí mé indon freastal do'n Chladach"
"Sé'n aibéis de dhuine é" = duine gan aon-chuma gléis agus é an-mhío-phuinnteáilte."

Aibéiseach (aidiacht ó aibéis)

"Is aibéiseach a' mac é" = mac ámhuilleach contráilte é a chuirfeadh de do bhuille thú, agus a dhéanfadh míonós ort.
"Is aibéiseach an cheird de dhuine a bheith plé le feamuinn dearg ar an aimsir seo" = ní luighfeadh do chroidhe léithe; bheitheá in a h-éadan, agus ní maith a thiocfadh sí leat.
"Is aibéiseach an obair atá orm na laetheantaí seo — a' tárlú raithnighe as a' scainneamháin" = obair threampánach. [Dubhradh é seo mar go raibh bealach oistreánnach mío-thapamhail a' dhul 'na scainneamháin]
"Níl aon-rud beo is aibéisighe ná bheith plé (a' déanamh) leis a' bpoitín céadna."
"Nach aibéiseach a tháinic sé treasna ort!" = nuair a thiocfadh rud treasna ar dhuine (i.e. go gcaithfeadh duine cur dó, cíos a íoc, éiliú ar fhiacha siopa etc) go mío-thráthamhail, nó san am is measa a mbeadh sé indon freastal dó.
"Nach (h)-aibéiseach a mhaise dhó é!"
"Tá muirghín orm — agus sin iad fhéin an mhuirghín aibéiseach."
"Tá 'bicycle' agam, agus má tá fhéin, tá sé sáthach aibéiseach" = (bíonn marach eicínt chuile lá air; is olc atá sé 'crúthacht-áil dhom)
"Tá cráin aige agus sí'n mhuic is aibéisighe faoi cheithre ranna an domhain í" = níl cinneadh ar bith le na cuid míllteanais agus míonóis.
"B'fhearr dó go mór capall ar foghnamh a cheannacht, pé'r bíth céard a thiocfadh sí air, ná bheith ghá mheath fhéin leis a' sean-ghiorráinín aibéiseach sin"
[Cloistear an t'ainm-fhocal go minic faoi Chois-Fhairrge, ach is annamh a cloistear an t'aidiacht. 'Sé á mhalrait siar faoi Rosmuc agus Iorrus Aithneach é]

"Bhí sí [i. an ghleoidhteog] idir cúig agus deich dtonna níos mó ná púcán, agus ní raibh sí chomh h-aibéiseach in a cuid seoil leithe, ná chomh h-anróidhteach ar a tabhairt timceall." (Obair is Luadhainn — Colm Ó Gaora — L. 11).

Áidhbhéil = biseach nó agús a chuir le scéal nó cainnt; a bheith gaisceamhail, mór-fhoclach; gailimaisidheacht; do-chreidthe

"Sin áidhbhéil" = adéarfá nuair a cheapfá gur cuireadh le cainnt nó scéal.

"Chuir sé an oiread eile áidhbhéil 'air é fhéin"

"Chuir sé an oiread eile leis le áidhbhéil."

"As áidhbhéil adubhairt sé é"

"Ní abróchadh sé é marach an áidhbhéil"

"Níl léigheamh (cinneadh; cinneadh go deo, righeachan etc) ar bith le chuid áidhbhéil."

"Ag déanamh áidhbhéil a bhí sé", adéarfá faoi scéal do-chreidthe.

"Déarfadh an ceann céadna rud a' bith le teann (le neart)

áidhbhéil."

"Dheamhan áidhbhéil ar bith sa méid sin."

"Deamhan áidhbhéil muis, ná cuid d'áidhbhéil sa scéal sin."

adéarfaidhe i riocht's go gcreidfidhe scéal do-chreidthe.

"Ní fhéadfá smid a chreisteamhaint (chreideamhaint) uaidh le'n

a bhfuil d'áidhbhéil aige."

'Sé's áidhbhéile beo."

"Chaithfeadh sé agús a chuir ann le na chuid áidhbhéil"

= déarfaidhe seo, nuair a chuirfeadh duine eicínt

fhearr a's barr ar scéal nach raibh air ó cheart.

Tomás: 'tuige ar dhubhairt sé sin

Micil: cá'r fhága tú an áidhbhéil?

"Áidhbhéil uilig é"

"Áidhbhéil ar fad na scéalta sin."

"Níor tháinig aon-fhocal as a bhéal ariamh ach áidhbhéil."

"Is beag an dochar dhá teanga a bheith caithte aige, a'

déanamh áidhbhéil."

"Má dhéanann áidhbhéil dó é, cuirfe sé an chluain ceo
ar an Naomh Peadar"
"Chuirfeadh sé cosa beaga faoi na glasógaí lena chuid
áidhbhéil" = chuirfeadh sé scéal as a riocht le áidhbhéil;
chuirfeadh sé malrait leagain ar scéal ar bith le
neart áidhbhéil.
"Rinne sé scéal Chailleach an Uathbháis dhe, le nar chuir
sé d'áidhbhéil air, as ughdáras féin"
= ba mhillteach, uathbhásach an scéal a d'innis seisean;
chuir sé cuid mhaith leis é fhéin.
"'Sé atá áidhbhéil mór-fhoclach" = aidhbhéil, gaisceamhail.
"Ní áidhbhéil a' bith é sin, ach an fhírinne glan" (clár na
fírinne, lom-chlár na fírinne, lom na fírinne.)
"Ná géill dá chuid áidhbhéil. Má ghéilleann is gearr go
mbí tusa chomh dona leis féin" = ná tabhair aon-áird
ar a chuid áidhbhéil etc. = ná creid a chuid áidhbhéil etc.
"Is beag dhá chuid áidhbhéil an méid sin a rádh" = "tá
sé chomh h-áidhbhéil, agus nach mairg a' bith dó, sin a rádh."
"É féin a chuir an t-agús sin ann. Is beag dhá
chuid áidhbhéil é."

"Déarfadh sé sin as áidhbhéil ar an bpuínnte. 'Sé
atá deas air" (is gearr a' mhoill air é).
"Nach áidhbhéil an mhaise dhuit é!"
"Leig de do chuid áidhbhéil anois. Nach bog a shíle(ann)s
tú muid a bheith go gcreidfeadh muid sin." = "éirigh
as do chuid áidhbhéil."
"Áidhbhéil a's gailimaisidheacht atá 'g (dh)ul síos leis." = "níl
a' cur imnidhe air, ach á. a's gailimaisidheacht."
"Go gcuire Dia rath ort! Chuirfeadh sé sin thar
bharr do chéille thú, le na chuid áidhbhéil."
"Is gearr ar a chuid áidhbhéil é 'rádh" = dearfadh sé
as áidhbhéil é.
"Nár fhága mé seo, má's áidhbhéil é" = sórt mionna
= ní áidhbhéil a' bith an chainnt sin.
"Má's ceart cluais a thabhairt dhá chuid áidhbhéil', (d)ar ndó(igh)
níl cinneadh a' bith leo(b) le saidhbhreas."
"Bhí an stróic áidhbhéil' sin ionnta(b) uilig" = bhí siad
ar fad (chuile dhuine de'n chloinn) tugtha do'n áidhbhéil.
"Bhí roinnt de'n áidhbhéil a' rith leis" = bhí an aidhbhéil ann
ó bhruínn" = ba dual athar dó a bheith áidhbhéil = "ní ón
ngaoith a thug sé an áidhbhéil."
"Dheamhan lá ó chuir mé aithne air, nach bhfuil an áidhbhéil
a' siubhal leis" = tá sé áidhbhéil ó chuir mé aithne air
an chéad-uair.
"Floscaí agus áidhbhéil ar fad é" = gaisce agus gailimaisidheacht
atá aige fré chéile"

(ii) áidhbhéil = 'san an-mhéid; gártha.

"Is áidhbhéil an stuithneachán fir é" = is iongantach

mór an fear é.

"Má mhaireann dó, is áidhbhéil an fear a bheidheas ann

faoi cheann cupla bliadhain" = beidh sé an-mhór.

"Is áidhbhéil an béinneach fir a dhéanfas sé" = bleitheach

"Is áidhbhéil an téagar atá ann, má tá'n cur-leis ann"

= is millteach an mhéid atá ann, má tá spreacadh dá

réir ann.

"Is áidhbhéil a' lear airgid atá aige"

"Ní áidhbhéil go dtí é."

"Is áidhbhéil a' fear atá sé a dheanamh bail ó dhia air."

"Is áidhbhéil an oidhche í, buidheachas le dia" = déarfaidhe

le oidhche mhór, ghártha é, nó oidhche a bheadh an-bhreagh.

"Nach áidhbhéil an aimsir í?" = nach breagh an aimsir í (fíor-

bhreagh)

"Is áidhbhéil an clár droma atá air" = tá druim mhór leathan air.

"Is áidhbhéil a' siubhal a bhí fúithe" = bhí sé a' gearradh bóthair

go tréan.

"Is áidhbhéil an ghliúrach (an ghleorach?) a d'ith sé." = ba mhór an lear

a d'ith sé.

"Is áidhbhéil an spreacadh atá ann fós"

"Is áidhbhéil an aois atá aige." = tá sé an-tsean = tá sé aois mhór.

"Caithfe sé gur h-áidhbhéil an lear airgid atá aige"

Abaidh (aipidh, aibidh) aipeachan, aibiúchan, aibiughadh

[aipidh — Conamara siar in áiteachaí. aibídh — Cois-Fhairrge, agus áiteacha ar an Achréidh.]

Aipidh = barr nó toradh in alt a ghearrtha nó a bhainte nó a ithte.

"Tá'n coirce aibidh anois"

"Níl na spíonáin aibidh fós."

"Beidh na cnothannaí aibidh lá ar beith feasta"

"Tá na spíonáin ag aibiughadh leo" (Cois-fhairrge)

"Tá an t-arbhar ag aibiúchan (aipiúchan freisin) (Achréidh)

"Is gearr uatha(b) aibeachan (aipeachan) anois" = is gairid

go mbí siad aipthe [Áiteacha faoi Chonamara]

"Baineann sé an coirce shul ó bhíonn sé baoghal air

sáthach aibidh" (Cois Fhairrge) (nó shul a mbíonn baoghal ar bith

aibiughadh air) (shul = chul, C. F.) = baineann sé an

coirce glas.

"Bíonn an oiread forrú agus uathbháis air, agus go mbainfeadh

sé an t-arbhar chul (shul) (dh)á mbeadh leath-aibiú

air." = an oiread deifre agus faitchís nach mbeadh aon-bhreith

aige ar é 'bhaint aríst.

"Is maith leis a bheith chomh mór sin as cíonn a ghnaithí

agus idtosach ar 'chuile dhuine eile i gcomhnuidhe, agus nach

leigfe sé cead aibiú dhó" [bíonn duine as cíonn a ghnaithí

nuair a bhíos sé in am le 'chuile obair, agus a dhéanfas

sé freastal do chuile shórt idtráth]

"Ná bac le é 'bheith aibidh! Ní raibh sé i gcraoibh fhéin

nuair a bhain sé é."

"Níor thug sé aon-ionbhadh aibiúchain dó!" (Achréidh) = níor

thug sé am aibiúchain dó.

"Tá sé thar a bheith aibidh. Tá sé tuitim dhá cheann" = tá

sé a' sceitheadh an ghráinne.

"'Sé an sean-aibiughadh anois aige!" = déarfaidhe seo

nuair a chainnteochaidhe ar bharr nó ar thoradh eicínt

a bheith aibidh, agus é bheith thar am aige a bheith amhlaidh

"Tá'n eorna mall ag aibiughadh imbliadhna, arae is beag

an ghrian a fuair sí"

Seán: "tá'n eorna aibidh

Tomás: aibigheadh sí léithe go mbí sí tuirseach! Nuair a bheidheas

muid réidh (ch)uice, bainfeamuid í."

Aibidh = imeartha, géar-chúiseach, rianmhar nó rianamhail,

sean-órdha, éirimeamhail.

"Putach aibidh go leor é" = tá sé sean-órdha nó géar-chúiseach

dhá aois.

"Nach aibidh an mhaise dhuit é!" = nach géar-chúiseach nó sean-órdha

an mhaise dhuit é.

"Bhí sé chomh h-aibidh in aois a dhá bhliadhain déag, le sean-

fhear ceithre fichead bliadhain."

"Tá sé ró-aibidh ar fad dhá aois" = ro-shean-órdha

"Ní raibh lá forfháis ariamh ar pháiste a bheadh aibidh roimhe 'aois"

= ní dhearna páiste sean-órdha aon-fhorfás (aon-dul chun

cinn, aon-mhaith) ariamh.

(ní bhaintear aon-leas as an bhfocal mar seo ach mar

aidiacht).

Abaidh = abartha, tráthamhail, greamannach, brabach

a bhreith ar chainnt.

"Tá sé i gcomhnuidhe abaidh leis an bhfocal" =

duine a bheadh tráthamhail, a d'fhastóchadh thú, nó

gheobhfadh brabach ar do chuid cainnte ar an bpuinnte.

"Níl goir agad focal a chuir as do bhéal, nach bhfuil seisean abaidh le'n fhocal fhéin le brabach a fhaghail ort" = bheadh a fhreagra ar bharr a ghuib aige go tráthamhail le t'aghaidh.

"'Sé 's abuighthe dhár chuala mé ariamh" = is abartha is tráthamhla.

"Is abaidh a mhaise dhuit é"

"Tá sé ro-abaidh le caidéis ar bith a chuir air" = tá sé ro-thráthamhail, le cur (ch)uige ná uaidh.

"Ní leigfeadh sé focal leat go maidin, tá sé chomh h-abuighthe sin."

"Níl sé i gcathair Pheadair ná Phóil cainnteoir is abaidh ná é" = níl sé beo ná marbh cainnteoir is tráthamhla ná is géire ghreamannaighe ná é.

"Níor thúisce corra chainnte buailte agam air, ná bhí sé abaidh (ch)ugam" = ní baileach a bhí bleid buailte agam air, ná chuir sé stiúir chainnte ar fhéin agus a bhíodhg sé chugam.

Aice: Ainm-fhocal; réamh-fhocal dúbalta (= in aice).

aice = (i) áfach; scailp gliomaigh (áiteacha igConamara — Cárna)

(ii) ingar, indáil le, buailte air, ingaobhar, láimh le.

(iii) in éindigh, ina theannta, agus, fré.

(i) "Tá'n gliomach 'san aice." (féach áfach)

Bhreathnuigh mé isteach in aice an ghliomaigh.

(ii) In m'aice, in t'aice etc. Is coitchiannta mar sin é, ná "in aice liom",

in aice leat etc. Ach bíonn deifridheacht bheag eatorra go minic.

"Fan in m'aice." = in mo chomhluadar; in aon-teach liom; in mo chuideachta.

"Fan in aice liom" = ná bí i bhfad uaim

"Tá'n baile mór in aice leo(b)" = níl sé i bhfad ó láthair.

"Tá siad in aice an bhaile mhóir" = gar do'n bhaile mór.

"Teann amach as m'aice ar fad" = ná bí ingar dom.

"Ní éadáil mhór a' bith é sin in t'aice" = in do chuideachta.

"Ní thiocfa mé in 'aice go gcínne orm."

"Is fada amach as m'aice-sa a choinneochas sé feasta."

"Airigheann sé solamar eicínt in a n-aice, nó ní thaobhóchadh sé iad, chomh

minic a's thaobhuighea(nn)s" = de bhrabach orra; san áit a bhfuil siad.

"Airigheann sé an t-airgead ina h-aice" = aice, nó le fághail mar spré,

ó na muinntir. "Tá sé ag iarraidh tuille airgid a chuir in aice a bhfuil aige."

"Bhainfinn píosa eile 'mach ann, marach a' raibh d'achrann, in a n-aice"

"Ní airigheann sé an brabach anois in m'aice, agus sin é an fáth, nach dteagann

sé" "Bhí céad sa mbeainnc aige, dhá bhliadhain ó shoin, a's chuir sé tuille in' aice ó shoin."

"B'fhearr dhuit in 'aice ná ag éisteacht le píobaire" = ina chuideachta.

"Níor fhan aonduine ina h-aice, ar feadh na h-oidhche" = fágadh aonraic í;

ní raibh cuideachta 'bith aice. "Má chuireann sé in aice, is gearr go mbí a shaidhbhreas

aige."

"B'fhearr do dhuine in a n-aice ná i dtír na h-óige"

"Is in a n-aice, is mó atá'n brabach."

"'In aice mine is fusa fuinnt'" (sean-fhocal)

In aice láithreach = ingar do láthair; indáil linn.

"Ní raibh gabha 'bith in aice láithreach, a chuirfeadh cruidhthe suas dhom."

"'mbeidh damh(n)sa 'bith in aice láithreach anocht?"

"Níl fear a' bith in aice láithreach annseo, a bheadh sáthach stuamdha le dhul in a éadan sin."

"Bhí an toirneach in aice láithreach aréir."

"Chuala mé an ruagán (i.e. plump toirnighe, urchar, nó torann nimhe-neannta 'bith) in aice láithreach."

"Is uaigneach an áit é. Níl teach a' bith in aice láithreach ann."

"Níl aon-uisce 'bheadh feilteach a ól, in aice láithreach."

"Fan in aice láithreach anois, mar b'fhéidir go mbeitheá a' teastáil."

"D'fhan mé 'fálróid in aice láithreach i gcaitheamh uair a' chluig, ach dheamhan mac na sceiche a tháinic."

"Tá táilliúr in aice láithreach annseo thiar i S. Tá sé ionann's ar ghort a' bhaile againn, ach ní fhághann sé mórán tráicht uainne."

In aice an tighe, in aice an bhóthair, in aice cladaigh etc.

"Níl sé in aice mona ná cladaigh" = níl comhgar cladaigh ná móna aige.

"Níl sé in aice bóthair nó bealaigh."

"Níl sé in aice aonduine annsiúd" = "tá sé as aice 'chuile dhuine" = "tá sé ar an iargcúil." "In aice an airgid is furasta 'bheith teann."

"Is furasta do dhuine bheith fiuntach in aice na fairsnge"

"Caithfear tíoghbhus a dheanamh in aice an bheagáin."

(iii) in aice = in éindigh, ina theannta, agus, fré, le

"Déanfamuid amach annseo é in aice chongnamh Dé" = déanfamuid níos deireannaighe sa mbliadhain é, nó fós uair eicínt, ach dia a bheith in ar bhfabhar nó le congnamh Dé.

"B'fhéidir in aice chongnamh Dé, go gcuirfinn caoi eicínt orm fhéin an Inid seo" = b'fhéidir le congnamh Dé, go bpósfainn bean eicínt an Inid seo.

"Tiocfa maith ar a' saoghal fós, in aice chongnamh Dé."

"Déanfa mé teach an samhradh seo, in aice chongnamh Dé."

"B'fhéidir anois le tigheacht na h-uaire breagh, agus in aice chongnamh Dé, go dtiocfadh biseach eicínt orm."

"Saothrócha muid an mhuing sin, an bhliadhain seo chugainn in aice chongnamh Dé."

"In aice congnamh Dé, tá a' (= ar) ndíol conganta ai'nn fhéin, go leige dia slán na daoine" = ach Dia a bheith linn, tá ar ndíol againn féin ann, le freastal do'n obair.

"B'fhéidir go dtiubhrainn sracadh faoi go goirid anois, in aice chongnamh Dé." = iarracht

"Ní fhéadfa duine tada a dhéanamh ach in aice chongnamh Dé" = gan dia a bheith in t'fhabhar, níl aon-goir agad tada a dhéanamh."

"Tá muid sáthach fada dhá fhágáil 'in aice chongnamh De'.

'D'orduigh cinnire congnamh' freisin" = [duine adeireadh le duine eile igcomhnuidhe go ndeanfaidhe ceann-oibre áithrid, 'in aice chongnamh Dé', agus sin é an freagra a thug a' ceann eile air, faoi dheire a's faoi dheoidh, nuair ab fhada leis a bhíodhadh (= bhíothas) dhá chur ar a' méir is fuide. Chuir sé igcéill gur orduigh Dia congnamh freisin ó'n duine]

"Cuirfeamuid muid ceann ar a' gcur a' tseachtmhain seo chugainn, in aice chongnamh Dé" = tosóchamuid ar a' gcur etc.

"Ní chinnfe sé ort in aice chongnamh Dé" = beidh tú indon é dhéanamh ach Dia 'bheith 'chongnamh dhuit.

"Bhí an oidhche fuar, in aice 'chaon tsórt eile dhá raibh orm." = "bhí an fuacht ag goilleadh orm i dteannta 'chuile rud eile (tinneas, nó ocras, b'fhéidir) dhá raibh orm.

"Tá fuacht orm in aice an ocrais" = tá fuacht orm idteannta an ocrais.

"Tá sí lobhtha (an fhiacail) in aice pian a bheith innte."

"Tá'n aimsir mío-fholláin in aice 'bheith go dona"

"Tá sé (cur) in a churfhásach ar fad in aice bheith loicthe" = tá an cur loicthe agus é faoi shalachar in a theannta sin.

"Tá doightheachaí air in aice an tslaghdáin" = in aoinfeacht leis a' slaghdán.

"Mara dtaga na liagannaí orm in aice leis a' bpluchadh, tá mé ceart" = mara dtaga mealltrachaí uisce in mo mhuinéal i dteannta an mhúchadh, tá liom

"Bhí cantal air in aice 'chaon tsórt."

"Tháinic fail orm in' aice sin" = in éindigh leis sin.

"Tá an t-an-neart ann, agus é dathamhail in 'aice sin."

"Tá spré mhaith le faghail aice, agus is bean shlachtmhar í in' aice sin."

"Bhí sé 'roilleadh, agus an oidhche in aice sin, chomh dubh leis a' bpúca."

"'Ceannócha mé tae dhuit agus gléas maith in aice sin

Gún' English cotton de'n fhaisean atá daor'"

[sliocht as "Slán agus Beannacht le Buaidhreadh an tSaoghail"]

"Bhuail scannradh mé in aice 'raibh orm."

"Cheannuigheadar teach áirgeamhail le h-ais a' bhaile mhóir, agus giodán talmhan

in aice sin."

"Má tá sé olc, tá sé tútach in aice sin"

"Má's bó shean í, tá sí fabhtach in aice sin."

"Tá a fear sean, in aice bheith bocht dó."

Aithghiorra (féach foclóir an duinnínigh — aithgearra)

Aithgiorra [foghar aiciorra] = bealach gearr; a dhul treasna páirce
nó réidh-chosáin, le aistear a ghiorrú, agus le timcheall a sheachaint.
Deirtear "bealach aithgiorra" agus "bealach aic" (Muigh Cuilinn), "cosán aithgiorra"
"bóithrín aithgiorra" etc go minic. ("Casán aithgiorrach" freisin).

"Má's cam díreach an ród, 'sé an bóthar mór a' t-aith-ghiorra (sean-
fhocal)
"'Dhéanfainn casán aithgiorra (aithgiorrach) go dorus tighe mo stóirín'" (líne
as amhrán)
"Tá aithgiorra mhór annsin, fharrus a dhul timcheall a' bóthar."
"Teirigh an t-aithgiorra agus ná bí cur timchill ort fhéin."
"Tá'n t-aithgiorra ro-achrannach le dhul ann 'san oidhche = "ní
mó ná dhá mbeadh a' lá agad, go bhféadfá a dhul a' t-aithgiorra
mar tá sé an-mhío-thapamhail.
"Chuaidh mé amudha ar an aithgiorra, pé'r bith céard a bhain
dom, maran ciméar a' bith 'bheadh orm."
"Mara 'bhfuil treoruidheacht mhaith ionnad, níl aon-ghna(ithe)

an t-aithgiorra anocht agad."

"Níl sé achar a' bith an t-aithgiorra" = "níl sé i bhfad as láthair le dhul an t-a. go dtí é" = "ní bheitheá achar a' bith a' dul ann, a' t-aithgiorra."

"Rinne mé aithgiorra thrídh na guirt." = "ghearr mé aithgiorra treasna na ngort."

"Dhéanfá aithgiorra mór, le briseadh treasna ag tigh Riocaird."

"Má theigheann tú an t-aithgiorra, beidh tú ann ar a' bpuínnte."

"Tá sé chomh maith dhuinn a dhul an timcheall, scáth an t'aithgiorra atá ann."

"Ní aithgiorra a' bith dhuit é sin, ach timcheall — agus timcheall sraimlidhe freisin."

"Nuair nach bhfuil eolas ná tíre, ná fios na n-aithgiorraí agad, bainfe sé scathamh dhuit a dhul ann."

"Ní fiú dhuit a bheith do do mheath fhéin leis an aithgiorra céadna, agus gan fhios agad, cé'n mhío-thapa a d'eireochadh dhuit, a' dul thar na claidhtheachaí bradacha sin."

"Fuair mise mo dhóthain de'n aithgiorra sin cheana."

"Níor chuidigh an t-aithgiorra sin tada le mo chnámha-sa" = aithgiorra achrannach é, agus leagtaí é.

"Tá casán aithgiorra (bóithrín aithgiorra, bealach aithgiorra, bealach 'aic') ó'n taobh ó thuaidh ann."

"Tá'n bealach sin an-aithgiorrach duitse."

"Is aithgiorraighe go mór é ná'n bóthar eile, ach tá a dhonas fhéin ann, roistfeadh sé 'bhfuil de 'tyreannaí' tigh Ward."

"Marach 'bhfuil de charraidheacha cloch air, tá sé an-aithgiorrach." (bóthar)

"Má dhéantar a' bóthar sin, beidh sé an-aithgiorrach ag muinntir na sléibhte."

Aicís [féach Foclóir Uí Dhuinnín "acais"] = faltanas, droch-ghealladh cloch sa muinchille.

"Tá'n aicís 'sna daoine anois, ní h-ionnann's fadó" = tá'n faltanas ionnta agus fonn rud a chuir as dá gcomharsain

"Bhí an aicís istigh aice dhó" = faltanas; "bí an chloch sa muinchille aice dhó.

"Tá cuid is mó aicís' innte, na shílfeá" = tá níos mo faltanais innte, ná cheapfá di.

"Ba dual dó an aicís a bheith ann agus in ar bhain leis" (féach "bain".)

"Ní ó'n ngaoith a thug sí a bhfuil d'aicís innte" = ba dual di an aicís a bheith innte; tá'n aicís a' rith léithe.

"Le neart aicíse a rinne sí é" = le teann faltanais

"Neart na h-aicíse a chuir faoi ndeara dó é a dhéanamh."

"Dhá ndéanadh aicís dó é, ní bheadh mórán gan deanamh aige" = bhí sé chomh fealltach, domblasach sin, agus go gcuirfeadh sé rud as do chuile dhuine dhá bhféadadh sé.

"Dhá ndéanadh aicís dó é, is fadó a bhí mise marbh."

"Má tá easba air, ní easba aicíse é" = tá a sháith

go maith faltanais ann.

"'Sí an aicís an rud is gráinde amuigh" = níl tréith eile
is gráinde ná'n aicís.

"Ní thiocfa an aicís 'un tosaigh ná 'un tairbhe d'aon-duine."
= ní bhuachfa aon-duine aon-cheo ar an aicís.

[Tiocfa — igcomhnuidhe i gCois-Fhairrge in áit racha,
Thiocfadh = rachadh; thiocfainn = rachainn agus rl. Ní chloistear
"racha" ná aon-chruth de chor ar bith, ar éigin, mara mbeadh
leaganachaí, ar leith cuirim igcás 'racha mé imbannaí
gurab é a ghoid é, rachainn faoi dhuit agus a leithidí.
Cloistear in amhráin ann é freisin, agus thiocfadh dhó a bheith ag aos
scoile de bharr na leabhar. Tiocfa nó gabhfa in áit]

"Ní leigfeadh an aicís dó, soighleas a' bith a dhéanamh dá
chomharsa" = ba mhór leis, a chomharsanaí, agus ní dhéanfadh sé
gar ar bith dóib.

"Aicís uiliog (uilig) é" = tá sé an-aicíseach. [uiliog = uile
Cois-Fhairrge; uilig: Iarthar Chonamara]

"Níl righeachan ar bith le na chuid aicíse" = "níl cinneadh go deo le
na chuid aicíse"

"Rinne sé as aicís é" = "as aicís a rinne sé é" = neart aicíse
a thug dó é a dhéanamh

"'Sí an aicís atá dhá mharbhú." = tá sé ithte le cantal ag an aicís.

"Má thugann tú aicís mar sin faoi deara dhuit féin, beidh tú ithte gan mórán achair" = má bhíonn tú ag iongabháil do chuid aicíse, ní bheidh lá suaimhnis agad dhá barr go goirid.

"Is olc an éadáil í an aicís (… í a chuid aicíse siúd etc) = tá sé aicíseach agus dhéanfadh sé rud ar bith ar dhuine as binib agus gangaide.

Aicíseach: aicís a bheith induine.

"Duine aicíseach é" = tá sé binibeamhail, gangaideach.

"Níl aon-duine sa tír is aicísighe ná í."

"Dhá aicísighe an mháthair, is measa aríst an inghean."

"Dhá aicísighe an mac, ní choinneochadh sé coinneal do'n athair" (níl aon ghoir aige ar an athair; ní measa é ná'n t'athair etc)

"Dhá aicísighe dhá bhfuil sé in aghaidh mhuinntir' an bhaile thiar nach breagh go dteigheann sé a' cuartaidheacht go dtí iad in a dheidh sin."

Aithmhéala (aithmhéalach) = doilgheas; carghaos faoi eagcóir, nó faoi rud a rádh nó a dhéanamh nar cheart do dhuine.

"Tá aithmhéala orm faoi" = tá carghaos orm, faoi rud eicínt adubhairt mé nó a rinne mé.

"Tháinic aithmhéala orm aríst faoi na rádh léithe."

"Is mó aithmhéala mé féin ná thusa faoi."

"Is beag aithmhéala a tháinic air."

"Is mairg (dh)uit aithmhéala a bheith ort faoi'n méidín sin."

"Bhí a dhóthain (a sháith, a dhíol, lán a chruite, lán a' chraicinn etc) aithmhéala air aríst, nuair a chuimhnigh sé air féin."

"Tháinic lán a chraicinn d'aithmhéala air, faoi chaithe(amh) na gcloch."

"Níl an oiread aithmhéala air, a's ba cheart dó."

"Bhuail aithmhéala aríst é, nuair ba léar (dh)ó, céard a rinne sé. ["Bhuail" an focal is coitchiannta faoi Chonamara nuair a tráchtar ar aithmhéala, olc, fearg, faitchíos etc, ach go dtagann sé i gceist ann go dtáinic an rud roinnt tobann)]

"'Bhuail aithmhéala mo chéad-searc agus d'éaluigh sí uaim abhaile'"

[sliocht as 'Cuaichín Ghleanntáin Éifinn']

"Léar (de réir) mar bhuail an t-aithmhéala é, tháinic sé in a fhaitchíos air."

"Bhuail daol aithmhéala é ar an dá luath agus a raibh

an marbhú déanta aige."

"Cé'n t-ughdar go mbuailfeadh aithmhéala thú (go dtiocfadh aithmhéala ort etc) mara raibh aon-láimh agad ann"

= cé'n fáth go mbeadh aithmhéala a' teacht ort, mara raibh tú páirteach 'sa rud.

"Cé'n chall aithmhéala atá dhuit?" = "cé'n chruadhóg aithmhéala sin ort (atá dhuit)" = cé'n fáth go mbeadh aithmhéala ort mar níl 'ughdar agad.

"Cé'n t-ughdar (cé'n t-adhbhar, cé'n fáth) aithmhéala atá agad."

"'Sé fáth m'aithmhéala, nach bhféadfainn a dhul chomh fada leat agus thú idteannta."

"Tá sé luath go leor dhuit aithmhéala a theacht ort nuair a gheobhas tú 'ughdar"

"Is beag an dochar dhuit aithmhéala a bheith ort agus an rud adubhairt tú léithe."

"Ní raibh an oiread aithmhéala ariamh orm, a's bhí orm an uair chéadna, faoi shiléig a leigean in mo ghnaithí."

"Leig de do chuid aithmhéala. Níl aon-mhaith sa seanchus nuair a bhío(nn)s an anachain déanta."

"Dheamhan aithmhéala ná cuid dhá aithmhéala air siúd."

"Is suarach an cúitiú dhomsa do chuid aithmhéala"
= adéarfadh duine leat a gcuirfeá rud as dó,
agus a gcásóchthá leis é.
"Ní cúrsaí aithmhéala, ach cúrsaí cúitiú anois é"
adéarfadh duine leat a bheadh ag iarraidh cúitighthe
ort faoi rud eicínt a chuir tú as dó, agus a
chásuigh tú leis.
"Tá mé in' aimhreas nach gcuirfe
do chuid aithmhéala aon-aithne ort an chéad uair
eile" adéarfá le duine adéarfadh go raibh
aithmhéala air faoi rud eicínt a rinne sé
[aithne = bacainn, guaim] agus go raibh sé chomh
dóichide dhó a dhéanamh aríst.
"D'imthigh an t-aithmhéala dhe aríst"
"Níor fhága an t-aithmhéala smid aige" = "ní raibh
smid aige le aithmhéala"
"Beidh tú in aithmhéala mara dtuga tú aire
dhuit féin" adéarfaí le duine a bheadh ag
déanamh ealadhaine, ámhuilltighe, mioscais
nó faillighe eicínt, agus go mbeadh sé in
áithrid a bhuailte, nó a bhriseadh as a phosta

"Mara leige tú de do chuid ealadhain, beidh tú in aithmhéala, (tiocfa sé in aithmhéala dhuit) = "gheobha tú luach do chuid ealadhaine."

"Tiocfa sé in aithmhéala dhuit mara n-eirighe tú as do chuid gnaithí anois" = "gheobha tú luach do chuid gnaithí (ámhailltighe nó ealadhain-e) = "is duine thú atá in áithrid do bhuailte."

"Is fear in aithmhéala a bheidheas ionnad, má bhíonn tú a' míoladóireacht liomsa" = "tiubhra mé luach do chuid míoladóireachta dhuit"

"'Sé a d'ól a dhóthain go breagh aréir, ach tá mé 'ceapadh gur fear in aithmhéala é indiu."

"Nár theighe sé in aithmhéala dhuit!" = déarfaidhe

le duine a bheadh ar thob rud eicínt a
dhéanamh agus gan-fhios cé'n chaoi a rachadh sé dhó.
"Tiocfa sé in aithmhéala dhuit mara mbí tú san
áirdeall."
"Is maith nach mór (dh)uit a bheith 'san áirdeall, nó's
fear in aithmhéala thú."
"Is beag an tsamhaoine (an éadáil, an áirge, an mhaith etc.)
domsa do chuid aithmhéala" = déarfadh
duine é seo, agus duine a raibh míllteanas
déanta aige air dhá chású leis.
"Aithmhéala orm nó dhíom, dhéanfainn aríst é."
"Níl a dhath (pioc etc) aithmhéala orm, go ndeacha
mé go 'Meiriocá. Is mó go mór an t-aithmhéala
a bheadh orm dhá bhfanainn as."
Tá sé faoi aithmhéala as ucht a dhéanamh" = in
aithmhéala; aithmhéala air.
"Beidh tú faoi aithmhéala, má thugann tú an tuairt sin
ort fhéin a leithide d'oidhche.
"Seachain a mbeitheá faoi aithmhéala aríst" =

chuirfí an aithne seo ar dhuine, agus é ar thob
rud eicínt a dhéanamh, nach rabh fhios go barainneach
céard a thiocfadh dhá bhárr.
"Má tá tú faoi aithmhéala anois, ní ceart
duit milleán a thabhairt do dhuine ar bith, ach dhuit fhéin
(ní cóir dhuit a bheith sa mullach ar dhuine ar bith etc; ní
cóir dhuit a bheith anuas ar dhuine ar bith etc)
"Bhí 'fhios agamsa go mbeitheá faoi aithmhéala ach ba
é an mhaith amháin é pearbhúl (aithne, fainic,
comhairle etc) a chuir ort, nó gan a chur."
"Tá tú faoi aithmhéala anois, agus ní hé a mhaltruid
a bhí tú 'thuaradh dhuit féin"
"Má bhíonn tú faoi aithmhéala (in aithmhéala) bí buidheach
do bhéal do mhúinte" = má theigheann an cúrsa seo
in t'aghaidh, cuir a mhilleán ar an té atá dhá
chur suas leat (atá a' moladh dhuit cur chuige)
"Faoi aithmhéala atá tú, agus faoi aithmhéala a bheidheas tú,
mara leige tú de'n ól."

"Nar b'fhearr dhuit a theacht le beagán aréir, ná bheith in aithmhéala (faoi aithmhéala) ar feadh an lae indiu" = nárbh fhearr (dh)uit déanamh le roinnt nó riar óil aréir, ná póit a bheith ort igcaitheamh an lae indiu, agus aithmhéala ort gur ól tú an oiread aréir.

"Má dhéanann tú an pósadh seo, beidh tú faoi aithmhéala le do ló" (is fear in aithmhéala le do ló a bheidheas ionnad) = má phósann tú an bhean atá fút a phósadh anois, beidh aithmhéala ort dhá lá do shaoghail.

"Ní raibh breith búnn (bonn) báis agad ar bhean a fhaghail, agus anois ó tá sí agad, tá tú in aithmhéala" = b'fhada leat go mbeitheá pósta, agus anois thárla pósta thú, is mó an dúil a bheadh agad a bheith scaoilte aríst.

"Má phósann sé chomh h-óg seo, pósadh in aithmhéala (faoi aithmhéala) a bheidheas ann dó." = beidh aithmhéala air go ndearna sé an pósadh.

"Beidh tú amuigh san oidhche go mbí tú in aithmhéala as a dheire"

"Ná déan iomarca teanntáis air, nó's in aithmhéala a bheidheas tú

as a dheire."

"Fágfa a chuid antláis in aithmhéala é, ó fhada go dtí é"

= tiubharfa a chuid ampla nó a chuid sainnte giorrachain saoghail nó mhío-slainte dhó, aindeoin gur fada atá sé a' rith leis [déarfaidhe seo, le duine a mbeadh súnás air an droch-lá, nó a bheadh amuigh deireannach indiaidh feamuinne nó a shamhail]

"Fágfa na mná in aithmhéala é, mar d'fhága siad 'chuile fhear ariamh."

"Is iomdha fear leis a d'fhága an cladach (an criathrach etc) in aithmhéala."

"Teánn leis an ól, agus fágfa an t-ól in aithmhéala thú"

= "teánn leis an ól agus teánnfa an t-ól leat" [go h-iondamhail i ráidhtí de'n tsamhail seo, i leaba an fhor-ainm (sé) a chur isteach, an dara h-uair, sé'n t-ainm fhéin, a aith-dheirtear i.e. ól sa sompla réamh-ráidhte.]

"Níl aon-duine ariamh dhá raibh tórtha ar an dlighe céadna, nár fhága sé in aithmhéala."

"Ní hé an chéad duine é a bhí dúlaidhe sa bpoitín, a d'fhága an poitín in aithmhéala."

"Ceannuigh an droch-bhróig agus bí in aithmhéala!"

"Díol do chuid talmhana agus bí in aithmhéala!"

"Ná h-abair drúcht ná báisteach leo(b) ar fhaitchíos go mbeitheá in aithmhéala" = ná h-abair tada leo(b) ar fhaitchíos nar mhaith leat arís é.

"Ná h-abair drúcht ná báisteach leo(b) ar fhaitchíos go mbeadh aithmhéala ort" = ná h-abair a dhath leo(b) ar fhaitchíos do bhuailte.

"Ní cuirfe mé (ch)ucab na uatha(b) faitchíos go mbeinn in aithmhéala arís."

"Ná déan tada san oidhche 'mbeidh tú in aithmhéala faoi ar maidin" [sórt sean-chomhairle; tá sé ar cheann de na comhairleachaí i sean-scéal — "Na Trí Chomhairle Mhaith".]

"Is mairg a dhéanfadh tada 'san oidhche 'mbeadh duine in aithmhéala faoi ar maidin."

"Is ar maidin a bhío(nn)s duine in aithmhéala faoi chionnta na h-oidhche."

"Níl do chuid aithmhéala ach in a tús" = greamócha an aithmhéala dhuit faoi rud eicínt a rinne tú, nó adubhairt tú, agus go mb'fhearr leat gan a dhéanamh ina dhiaidh sin.

"Caith thart í mar aithmhéala. Ní leigheasfa sí a bhfuil déanta anois."

"Ó tá sé déanta a's go bhfuil, ní leigheasfa aithmhéala é."

"An rud atá déanta, tá sé déanta, agus níl aon-mhaith
aithmhéala a bheith faoi."

"Ní bhodhrócha do chuid aithmhéala mó phian"
= adubhairt duine leis an té a bhuail criogaide air.

"Ní fhuarócha mo phian le do chuid-sa aithmhéala" — (in Iar-Chonnacht
agus in Iarthair Chonamara déarfaidhe mo chuid-sa talmhan etc
ach igCois-Fhairrge mo chuid talmhan-sa.]

"Is beag an mhaith do chuid aithmhéala anois. Ba bheag an luath
(lúth?) dhuit leigean dom nuair adubhairt mé leat é" =
duine a ghortuigh duine eile le ealadhain, agus a bhí in aithmhéala
faoi. [Níl aon mhaith san aithmhéala agus mé gortuighthe.
Dá leigteá dhom, nuair adubhairt mé leat e, bheadh
maltraid scéil ann.]

"Beidh mé in aithmhéala faoi sin, go dteighe na h-ordógaí orm"

"Dhá mbeadh coinsias a' bith ann, chuirfeadh sé aithmhéala
air, ach níl ná a leithide."

"Dhá mbeadh aon-truaighe istigh in a chroidhe do chréatúr
ba mhór í 'aithmhéala fúm, ach níl."

"Ná bac le aithmhéala air siúd!" = "is beag an baoghal air aithmhéala a bheith air."

"Marach do chuid stainnce fhéin, ní bheadh aon-chall aithmhéala dhuit."

"Má bhuail sé fhéin níor mharbhuigh aithmhéala é ina dhiaidh" (indiaidh an bhuailte).

"Dhá mhéid aithmhéala é, má b'fhíor dó féin, is maith nar thairg sé roth nuadh a cheannacht dhuit" = duine a bhris roth rothair ar dhuine eile.

"B'fhada amach ó na chroidhe an aithmhéala sin" = ní ó'n gcroidhe a tháinig a chuid aithmhéala. = ní aithmhéala dháiríre a bhí air.

"Is fada uaidh sin aithmhéala a bheith air" = níl baoghal ar bith air aithmhéala a bheith air.

"Bhí sé a' leigean aithmhéala air fhéin, ach ní ó'n a chroidhe é."

"Dheamhan aithmhéala a bheadh ar siúd, dá mbriseadh sé a raibh de ghréithí in do theach, ní áirmhighim muigín."

"Dheamhan lá aithmhéala a chuirfeadh sé air, dá ndéanadh sé ciseach (cis ar easair, béal in áirde etc) de do chuid, fré chéile."

"Aon chás amháin duit aithmhéala ort nó dhíot, ó tá an míllteanas déanta."

"Bhain aithmhéala dó aríst" = tháinig aithmhéala air aríst

"Bhain aithmhéala dom, nuair a chonnaic mé an bhail a bhí air."

"Thuíll sé uaim é, ach má thuíll a's gur thuíll (má thuíll fhéin, bhain aithmhéala dom aríst faoi na bhualadh" = bhí an bualadh tuíllte aige uaim, ach mar sin fhéin tháinig aithmhéala orm faoi na bhualadh.

"Ná baineadh aithmhéala 'bith dhuit. Ní bhfuair sé ach an méid a thuíll sé uait."

"Bhain aithmhéala dó, nuair a chuala sé gur chuir sé asna as áit ann."

"Ná baineadh aithmhéala 'bith duit, mar níl 'ughdar agad."

"Tiocfa sé in aithmhéala dhuit" = beidh aithmhéala ort dhá bharr; ídeochthar ort é, nó tiubharfar cor in aghaidh an chaim duit, agus b'fhearr dhuit go leigfeá dhó ar fad ó thús.

"Eirigh as an ealadhain nó tiocfa sí in aithmhéala dhuit" = buailfidhear thú dhá bárr.

"Is fada mé dhá ghealladh dhuit, ach tiocfa sé in aithmhéala dhuit as a dheire" = is fada mé ag mionnú go mbuailfinn thú, ach déanfa mé é as deire na cúise.

"Mara bhfuil ag dia, tiocfa a chuid troda in aithmhéala dhó."

"Beidh tú a' spochadh le na tinncéirí, nó go dteighe na tinncéirí in aithmhéala dhuit" = "fágfa na tinncéirí éagcaoine ort, mara leige tú dóib fhéineacht [dóip adeirtear annseo]

"Beidh tú 'siocadh liomsa nó go dteighe do chuid sioctha ina aithmhéala duit" [siocadh = spocadh; ag ealadhain; liom]

"Tiocfa sé in aithmhéala ort" = buailfe aithmhéala thú faoi rud a rádh nó a dhéanamh, a mb'fhearr leat gan a dhéanamh ina dhiaidh sin.

"Má tá indán's go ndéanfa tú sin anois, tiocfa sé in aithmhéala ort fós" = beidh aithmhéala ort de bharr a dhéanta fós.

"Mharbhóchadh sé thú faoi láthair (an tráth a mbeadh an t-olc

nó'n cuthach air], ach thiocfadh sé in aithmhéala air in
a dhiaidh.
"Tháinic sé in aithmhéala orm, nuair a chonnaic mé an
bhail a bhí agam air." [Deirtear freisin "bhuail sé in a
aithmheála mé".]
"Ná bíodh láimh a' bith agad ann agus ní thiocfa sé in 'aithmhéala
ort amach annseo." = ná bac leis (na cuir
araoid a' bith air) agus ní bheidh aithmhéala ort
fós faoi.
"'Tiocfa a bhás in aithmhéala ort' adeirim fhéin 'dhá laghad é'"
= 'beidh aithmhéala ort faoi na mharbhú, dhá laghad téagair é'
adeirim féin. [duine a bhí ag (dh)ul a 'marbhú oiread
na frighde d'fhirín]
"Dhá choipthe dhá raibh mé, bhí fhios agam go mbeadh sé in
aithmhéala orm choidhchinn dhá dteighinn ag (dh)ul a' fiachadh
ar an rud salach (bradach)" = dhá oibrighthe (dhá corruighthe,
dhá fheargaighe etc) dhá raibh mé, thuig mé go mbeadh
aithmhéala orm igcomhnuidhe dhá mbaininn leis an
duinín gan mhaith. [ní chialluigheann salach brocamus
annseo, ach donacht, easba téagair, nó laigeacht]

"Dhá gangaidighe sa diabhal é, thiocfadh sé in aithmhéala ar dhuine, dhá mbaineadh sé leis" (dá gcuireadh sé araoid air; dá mbuaileadh sé é).

"Dhéanfainn cuailín cnámh dhe, marach go dtiocfadh sé in aithmhéala aríst orm."

"Is feasach mé gur h-olc an éadáil é, ach thiocfadh sé in aithmhéala orm, dhá dtóiginn mo láimh (ch)uige."

"Tada dhá aithmhéala (a dhath dhá aithmhéala, pioc dhá aithmhéala ceo dhá aithmhéala etc). = gan aon-aithmhéala faoi

"Chuaidh mé go 'Meiriocá idtús m'óige, agus níl tada dhá aithmhéala orm" = níl aon-aithmhéala orm go ndeachas.

"Níl tada dhá aithmhéala orm gur thug mé dual na druinne dhó" = níl aon-aithmhéala orm gur bhuaileas go breagh é.

"'Tuige a mbeadh tada dhá aithmhéala ort. Nar dhubhairt tú an ceart leis."

"Níl pioc dhá aithmhéala orm, faoi'n ionnsuighe."

"Ní leigfeadh sé in a ghoire chor a' bith, go raibh tada dhá aithmhéala air" = ní amhdóchadh sé chor a' bith go raibh aon-aithmhéala air.

"Bhí mé 'ceapadh faoi láthair gur dhíol mé faoi na luach iad, ach níl tada dhá aithmhéala orm anois, arae dhá

gcoinnighinn ó shoin iad, is beag a bheadh dhá mbarr agam anois."

"Is beag dhá aithmhéala atá air" = níl mórán aithmhéala air.

"Má scrios sé fhéin iad, is beag dhá aithmhéala atá air."

Máire: ná goilleadh an scéal an oiread sin ort.

Cáit: is lugha ná sin dhá aithmhéala atá orm = níl an oiread aithmhéala orm a's a shílea(nn)s tusa.

"Is lugha ná sin dhá aithmhéala atá orm, dhá mbeadh 'fhios agad é!"

"Is mór dhá aithmhéala atá orm, ach cé'n neart atá air anois"

"Is mór dhá aithmhéala atá orm, agus ní cheideonainn ar chuid mhaith é (ní cheideonainn ar a dtug tonn ar tráigh é)"

= tá an-aithmhéala orm faoi, agus b'fhearr liom ná cuid mhaith nach mbeadh an scéal amhla.

[Tá chúig bhealach ann le rádh go bhfuil aithmhéala ort nó go dtagann sé ort.

1. Tháinic aithmhéala air.

2. Bhuail aithmhéala é

3. Tá sé faoi aithmhéala

4. Tá sé in aithmhéala]

5. Bhain aithmhéala dó

Breith ar m'aithmhéala (breith ar aithmhéala etc)

"Dhá mbeadh breith ar m'aithmhéala agam, ní chuirfinn araoid ar bith air" = tá aithmhéala anois orm, gur chuir mé chuige ná uaidh."

"Dhá mbeadh breith ar 'aithmhéala aige anois, is fada amach as [an teach, cumann etc] a d'fhuireochadh sé."

"'Baistfe mé do leanbh dhuit le congnamh Dé agus dá mbeadh breith ar m'aithmhéala agam, badh leat mé fhéin'"

[Sliocht as amhrán — "Is deas an sagairtín é stór mo chroidhe"]

"Níl gar dhuit a' cainnt anois, nuair nach bhfuil breith ar t'aithmhéala agad."

"Breagh nach raibh breith ar t'aithmhéala agad, nuair a rinne tú é" = déarfaí seo le duine adéarfadh é féin, nach ndéanfadh sé rud áithrid eicínt, dá mbeadh breith ar 'aithmhéala aige.

"Tá breith ar t'aithmhéala agad, anois agus ná déan arís é" = déarfaidhe é le duine, adéarfadh nach ndéanfadh sé rud eicínt a bhí sé th'éis a dheanamh, dhá mbeadh

breith ar 'aithmhéala aige.

"Is mairg nach mbíonn breith ar aithmhéala aige"

"Dhá mbeadh breith ar a n-aithmhéala ag na daoine,

is beag a dhéanfaidís (a dhéanfaidhe) as a'

mbealach.

"Seomh (seo) é (cuirtear an fhuaim v isteach annseo idir an dá ghuth)

an scéal (an leathrann) i gcomhnuidhe — 'dá mbeadh breith ar

m'aithmheala agam!' — breagh nach gcuimhnigheann sibh

ar sin agus sib a' déanamh an rud as an mbealach"

"Dá mbeadh breith ar m'aithmhéala agamsa, ba

bheag an luath agam an tuairt sin a thabhairt

orm fhéin." = "dá mbeadh 'fhios agam gur mar 'bhí

'bhí, ní bheadh baol orm a dhul ar an aistir

sin."

"'In a dhiaidh feicthear do'n Éireannach a leas'. Dhá

mbeadh breith ar m'aithmhéala agam anois, ní

ionnsóchainn siar faoi Chonamara beag ná mór" = ní rachainn

go Conamara chor ar bith, dhá mbeadh 'fhios agam gur mar 'bhí a bhí.

"Dhá mbeadh breith ar m'aithmhéala agam, ní thiocfainn do mo mheath

fhéin leis an obair sin dubh bán ná dubh buidhe." = ní chuirfinn

a trioblóid orm fhéin, ná ní chuirfinn mo chuid aimsir' amugha léithe.

"Dhá mbeadh breith ar aithmhéala aige anois, dheamhan a chos a thaobhóchadh teach an cheoil araimh"

Tinneas (galra etc) aithmhéalach = galra nó tinneas a ghreamóchadh duit ar feadh i bhfad; liostachas fada; galra roighin; galra nach mian leis imtheacht díot; galra a bhuaile(ann)s ar ais aríst thú, nuair a shílea(nn)s tú a bheith uaidh; galra meathta.

"Tinneas aithmhéalach é an slaghdán bradach sin."

"Tá'n Chearc sin an-aithmhéalach. Nuair a shíle(ann)s tú í 'bheith dhíot, níl tú ach ina tús" [cearc = influenza]

"Tá'n galra sin chomh h-aithmhéalach, agus má bhuailtear duine síos leis, go mbeidh liostachas fada air" = má thagann an galra sin ar dhuine is fada a chaithfeas sé an leaba nó'n áit istigh a choinneál."

"Má theigheann an slaghdán in do chrioslaigh chor a' bith, is aithmhéalach an éadáil é" = má thagann an slaghdán ort chor a' bith, is fada a chothóchas sé thú (is deacair leis scaradh leat).

"Má bhuaileann an chasacht mar is ceart duine, níl aon ghalra beo (faoi'n saoghal etc) is aithmhéalaighe ná í."

"Tá'n chasacht cháillte sin an-aithmhéalach. Sé'n tubaiste í 'chuir ag imtheacht chor a' bith."

"Níl aon-ghalra amuigh is aithmhéalaighe ná'n 'fliú' céadna. Má bhuaileann sé duine, bainfe sé an bhliadhain as"

"Tá sé thar-am aige, a bheith ar a chóir féin arís, ach pé acu sin é, is aithmhéalach an galra é an slaghdán sin" = tá sé in am go maith aige, a bheith eirighthe as an slaghdán, ach thairis sin fhéin, is galra é a bhío(nn)s a' teacht a's ag imtheacht.

[Bíonn 'b' sa bhfocal aca(b) i gConamara, ach ní chloisfeá an b sa leagan sin pé aca sin é]

"Níl de leigheas ar ghalra aithmhéalach mar sin, ach an leaba a choinneál (a chothú) go dtuga sé a sheal" = duine a mbeadh galra a. air, ba cheart dó, fanacht sa leaba, go mbeadh áirleacan an tinnis caithte.

"Níl ag galra aithmhéalach fhéin, ach a sheal a thabhairt."

"Is meathta an galra é an slaghdán céadna. Tá sé an-aithmhéalach de'n domhan."

"Ní fhaca mé rud ar bith ariamh is aithmhéalaighe
ná'n chasacht chéadna. Bhain sí asam anois i
mbéal a chéile ó Fhéil Brighde seo caithte"
= is meathta an galra í an chasacht; tá sé orm
as éadan ó Fhéil Brighde seo chuaidh thart.
"Ná bac le aithmhéalach a mhic ó! Má chuireann sé
siúd (an slaghdán) bail ó dhia ort, beidh aon-mhí amháin
ort!" = tá'n slaghdán an a. arae má thagann sé ort,
ní sgarfa sé leat go ceann míosa

Ailím = (i) "rud a theighea(nn)s thríd dhath cóta; bíonn sí in a cnaprachaí móra, nós siúcra geal. Dhá ndiúiltheá í, dhóghfadh sí do charbad."
[Is beag leas a baintear as an ailím anois]

Ailím = (ii) (droch)-éadáil; (droch)-earradh; (droch)-áirge

"Is olc an ailím í an cailín sin" = is droch-éadail í; tá ruibh uirre agus tá sí an-ghangaideach.
"Is olc an ailím é an mac sin, le ceist a' bith a chur air"
"Is suarach an ailím le'n ól ag críostuidhe 'r bith an poitín céadna."
"Is droch-ailím ag cosa daoine, é an cladach."
"Is bocht an ailím d'fhear oibre, 'scadán caoch'" (féach "scadán").
"Is tinn an ailím iad na doightheachaí."
"Is gann an ailím iad na fataí an tráth seo bhliadhain."
"Is meathta an ailím do dhuine a bheith taobh le asailín le na chuid sean-leasú a chuir amach."
"Is dainnséarach an ailím do dhuine a dhul dhá fhliuchadh fhéin leis a' gcairrigín céadna, scáth 'bhfuil de thairbhe air."
"Is doiligh an ailím féar tirm a fhaghail amach a' tráth seo 'bhliadhain."
"Is bundúnach an ailím í sin" = duine bheadh olc, arrannta le drannadh léithe.
"Is ámhuilleach an ailím é an peata sin" (gasúr)
"Is daor, docharach an ailím é an plúr anois."
"Ní ailím a' bith do dhuine a bheith plé le stoc ar a' saoghal seo."
"Sin í féin an ailím atá daor." (feoil etc.)
"Nach hí an ailím í go deimhin!" = nach hí an éadáil í! Déarfaidhe é le rud nach mbeadh aon-mheas ag duine air.
"Nach hí an fheamuinn chéadna an ailím aige!"
"Is fliuch an ailím a dhul 'na phorta(igh) indiu."
"Is contabhairteach an ailím a bheith lúitéis le madraí, agus gan fhios agad nach breith ort a dheanfaidís"

"Seo dhuit é, idir ailím a's mhádar" = seo dhuit é fré chéile; seo dhuit é, idir chorr, chleite a's sciathán. [mádar = rud a chuirtí thríd an ailím le h-aghaidh datha]

"Thug mé dhó é, idir ailím a's mhádar."

"Ní raibh aon-sásamh aige ann, nuair a fuair sé an chabhail [cabhail an chairr] go bhfaghadh sé na róthaí, a's 'séard a rinne mé é chaith(eamh) aige idir ailím a's mhádar" = an carr a thabhairt dó ar fad.

"Ní thaithneocha leis, mara bhfagha sé idir ailím a's mhádar é."

"Is maith an rud dó 'theacht le na chion, a's gan a bheith dhá iarraidh idir ailím a's mhádar."

"Nach beag an náire bhí air, é 'árdú leis mar sin, idir ailím a's mhádar."

Ailín (i) Sa gceathramhadh amhráin seo a Sheán Mhac Con Iomaire Camus.

"Chaith mé seal chomh h-aerach leis an éinín atá 'na long ar
chraoibh
Agus shíl mé ariamh narbh fhéidir aon tréas a chuir ar fhear faoi
mhnaoi
Mar bhí mé óg díthcéillidhe, bhí na céadta raibh m'ailín(?) faoi
Is ar mhaithteanas atá m'éiliú ó'n té úd nar glac aon-bhríb"
Féach leath. 108 — Ceol na n-Oileán "Má bhí mé óg gan chéill seal, bhí céad ar m'ealadhain faoi" atá annsin, ach ní mheasaim gur ealadhain é ach oiread.
Badh é míniú an fhonnadóra gur chuir sé an chluain ar na céadta ban, "gur imir sé orra", gur chuir sé ó chrích iad. Féach "ealuidhe ban"

(ii) An píobán ailín féach píobán
Tróth ailín (féach tróth).

Ailleog = (i) moghlaer nó spiacán mór cloiche.

"Bhuail sé ailleog orm."
Bhuail sé d'ailleog mé."
"Sí'n ailleog a fuair sé thiar ag na mine a rinne a chreach."
"Níor ól sé aon-deoir bhainne slainte ó caitheadh an ailleog sin leis."
"Sé'n cheird atá orra(b) thíos ar na bóithrí chuile oidhche a' caithe(amh) ailleogaí le chéile."
"Nach beag a' luath aige (nó dhó) faitchíos a bheith air ailleog de chloich mar sin a chaitheamh le aon duine, agus gan cuímne aige nach é 'mharbhú 'dhéanfadh sé."
"Thug a' póilidhe leis an ailleoig cloiche a fuair sé 'san áit 'a raibh an cath (caitheamh)."

Ailleog = (ii) duine teann, suidhte, bríoghmhar (is annamh a chloistear é).
"Sé'n ailleog é." (sí'n ailleoig í)
"Ailleog mhór mhíllteach fhiadháin é."
"Ailleog d'amhus é"
"Bhí ailleog de spailpín as Conamara i bhfus annseo, anura(idh) agus ba h-olc an ailím é, le cur chuige ná uaidh."

Ailleog = (3) allar, allagar, an-bhéic, nó scread.
"Leig sé ailleog (nó ailleoig) de bhlaoidh."
"Chuir sé a shean-ailleog as."
"Chloisfeá thiar-adtuaidh an ailleog a leig sé."
"Is breagh uaidh ailleog a chuir as, má bhíonn aon-bhraon istigh aige."
"Mhaithfeá do dhia gan a bheith ag éisteacht leis an ailleoig

a leig sé."

"Bhí fhios agam go mbadh fear in anshógh é, mar

d'aithin mé 'ailleog."

"Leig sé ailleog le scannradh."

"Bhí sé lúbarnaoighil sa leaba, agus 'chaon ailleog aige" = bhí sé ar

a táirm a' glaodhach

[Tá an chiall seo (3) leis i Muigh-Cuilinn — Tomás Bairéad.]

Ailleog (dáilleog?) = (4) taoscán nó gloine poitín nó óil líonta go buinne

bruach [ailleog = gailleog, ach ailleog adeirtear faoi'n

Spidéal, aindeoin go n-abruightear gailleog i Rosmuc

agus in áiteachaí eile]

"Thug sé ailleog bhreagh phoitín dhom, agus níor liomsa

ab fhaillighe í chur 'san áit ba chóir dhi."

"Fuair mé cupla ailleog agus iad líonta suas go buinne bruach."

"Is mór an olla mhaitheasa ar mo chroidhe an cupla

ailleog sin fhéin."

"Bhog an ailleog sin a' teanga aige."

"Ní bheadh aon-chuir suas agam d'ailleoig phoitín,

dhá dtairgthí dhom í."

"Badh bheag a' dochar dhó bheith óltach, agus trí ailleog de'n

ghloine siúd a ól indiaidh 'chéile gan aon-tríáil."

Ailp = bearna, áladh, sroicheachtáil, solamar, cannda, daba.

"Bhí ailp bainte as an liathróid" = bearna; poll curtha innte nó ithte aisti.

"Rug an madadh orm agus bhain sé ailp as mo chois."

Bhain sé oiread do dhorna d'ailp as a gcomhra"

"D'ith sé ailp as a' gcáca." "Má fheicimse go mbaine sibh aon

ailp as na sudógaí sin, beidh mé gabhailt oraibh chúns

gheobhfas mé teas in 'ur gcraiceann"

"Sin é faisean gasúr i gcomhnuidhe ailp a ithe, chuile phuínnte"

"D'eirigh an ailp sin leis, ach feicfe tú féin air, nach n-eireocha an chéad ailp eile leis, chomh réidh."

"Is deas a' chaoi ar mo cháca breagh é, é faoi ailpeannaí ar fada agaibh, hébrí cé'sórt rudaí ocracha sib fhéin."

"Tá ailp mhór bainte amach as a' mballa. De bhárr na h-oidhche."

"Níor scoilt sé í (cloch), ach thug sé ailp mhaith dhi leis."

"Tá ailp imthighthe as cnapán mo ghlúnach, de bharr a' leagan a d'eirigh dhom." "Is áidhbheil an ailp atá bainte as lorga an chapaill."

Ailp = (ii) áladh, sroicheachtáil. "Is iongantach an ailp atá ag a' madadh sin ("fetch"). "Tá ailp dhiabhalta aige."

Ailp = (iii) solamar; rud de bhárr; samhaoine.

"Fuair sé ailp éicint ann" = d'eirigh solamar eicínt leis; tharraing sé uisce aigéan a mhuileann fhéin ann.

"Cé'n ailp atá siad fhághail ó Shasana go bhfuil an oiread sin grádh aca(b) di?"

"Marach a' súil le ailp (leis an ailp), is beag a' luath dóibh é thaobhachtáil."

"Ní milleán orra(b) fanacht ar a' taobh sin — an taobh atá caith(eamh) ailp 'aca(b)."

"Indiaidh na h-ailpe bhí sí siad, agus ní ar mhaith leis a' tír."

"'Bhótálfa' mé do'n duine is mó 'bhfuighe mé ailp uaidh — agus ní mórán ailpe 'chonnaic de bharr a' taobh s'agaibhse fós."

"Is cuma leis siúd céard is cor do thada chúns choinneo(chth)ar an ailp leis."

"Le grádh do'n ailp atá sé ar thaobh an dreama sin" = ní bheadh sé a' tabhairt chabhair phoiliteachta do'n taobh sin marach go bhfuil samhaoine aige dhá mbarr.

"Ní le grádh do'n bhean, ach le grádh do'n ailp a phós sé í" = grádh dhá spré 'bhí aige.

"Grádh do'n ailp é grádh an tsaoghail seo!"

"'Furast' aithinte a bhuic bháin gurb é grádh na h-ailpe thug tú
Nuair a phós tú an bhean ghránda agus a d'fhag tú mise 'do dhiaidh.
Níor dhoimhne an sáile ar báitheadh ann a' deichneabhar a's céad
Ná mo ghrádh fó do lár, as scéalt cráidhte ort, mar a dtuigeann tú mé'"
[ceathrama den "Bhoc Bán"]

"Sin é fhéin an grádh do'n ailp — an grádh sin" = grádh do'n tsolamar"

"Grádh mí ailp" adéarfadh duine, nuair a bheadh sé a' fonóid faoi bheirt eicínt a bhí in ainm's a bheith ingrádh, le cur i dtuiscint gur grádh do'n tsolamar é' [mí = me = my an Bhéarla is dóighe]

"Indiaidh na h-ailpe 'bhí sé" = indiaidh an tsolamair.

"Bainfe siad ailp amach scath(amh) eile" = tuille solamair; tiocfa siad suas ar sin tamall eile.

"A' forcabhás ar an ailp atá sé" = indiaidh na h-ailpe atá sé.

"Ní miste leis siúd, céard is cor d'Éirinn, má eirigheann an ailp leis fhéin."

"Bhí ailp aráin aige" = cannda mór. "Bhí sé ag imtheacht agus ailp feola in a bhéal aige."

"Thug sé an ailp sin leis" = píosa aráin, feola etc.

"D'fheicfeá ailp thuas igcomhnuidhe aige" = plaic, greim.

"Tá ailp eicínt ag an mada anois, pé'r bith, cá bhfuair sé é."

"Bhí sé ag imtheacht ar fud a' tighe, agus ailp eicínt in a bhéal."

"D'árduigh sé leis ailp de cháca, ag (dh)ul amach sa ngarrdha dhó"

"Is iomdha ailp feola a d'fheicfeá, ó tosuigheadh ar a' mairt-fheoil seo"

Aimhleas [Foghar — go h-iondamhail bíonn fuaim ar an aimh fearacht "ad" i "Tadhg", agus mh = v.] Féach Foclóir an Duinnínigh "aimhleas".

Aimhleas = [cotarsna nó malrait "leas"] = míádh; dubh-chinneamhaint, cat-mara.

"Ní hé leas, ach aimhleas a rinne sé." "Mara ndéana tú do leas, ná déan t-aimhleas." "Fainic thú féin ar t'aimhleas."

"Seachain t'aimhleas má fhéadann tú. "Rinne an duine bocht aimhleas!"

"Nuair a shíl sé a leas a dhéanamh, sí aimhleas a rinne sé in a leaba sin."

"Is beag de do leas agus is mór de t'aimhleas a dhéanfas tú, mara bhfuil ag Dia."

"Ná dean t'aimhleas; déan a' rud is goire do do leas."

"Is mó an fonn atá air, 'aimhleas a dhéanamh ná a leas."

"Má's é mo leas nó m'aimhleas anois é, déanfa mé é."

"Dhá mbeadh fhios agam ab é m'aimhleas é, is dóigh nach ndéanfainn é!"

"Má's é m'aimhleas fhéin é, cé'n neart atá a'msa air?"

"Nuair nach mbíonn's ag duine céard é 'leas, is deacair dhó fios a bheith aige, céard é 'aimhleas."

"Is fusa do dhuine 'aimhleas ná leas a dheanamh (a bharruidheacht)."

"An lá 'r phós sé isteach sa teach sin, sin é an lá 'ndearna sé corp' aimhleasa."

"Ba dóichide dhó comhairle t'aimhleasa a thabhairt dhuit ná comhairle do leasa."

Aimhreas [Féach amhras — foclóir an Duinnínigh] [foghar aimh-rios.]

"'Is fearr glas ná aimhreas' [sean-fhocal] = is fhearr rud a chuir
faoi ghlas nó i dtaisce, i riocht's nach bhféadfaidhear
é a ghoid, ná é fhágáil go sleamchúiseach go dtárluighthear
'un bealaigh é, agus annsin a beith 'san aimhreas ar dhuine eicínt.
Déarfaidhe freisin é, le duine a thógfaidhe, in aimhreas gurab é
a rinne rud eicínt as a' mbealach.
"Tá aimhreas agam, go raibh láimh aige ann" = tá mé
a' ceapadh go raibh sé páirteach 'san obair.
"Tá aimhreas orm" (fúm) = síltear gur mise ba chionntaighe.
"Leisce na bréige, níl fhios againne a raibh aon-láimh aige
ann, ach an oiread leis an té nar rugadh, ach go raibh
aimhreas air."
"Nach maith gur ormsa a chaithfeadh aimhreas a bheith, (fh)arrus
aonduine."
"Bhí aimhreas aige, ormsa, ach bhí 'g (dh)ul amudha go mór"
"Tá mé in aimhreas gurab é bhí ann" = tá mé 'ceapadh
gurab é 'bhí ann.
"Is mór atá mé in aimhreas gurab é a rinne é."
"Má bhí sé in aimhreas fhéin gurb é Seán ba chionntaighe,
níorbh aimhreas gan ughdar é."
"Is olc é an t-aimhreas."
"Níor cheart duit aimhreas a bheith agad ar aon duine, go mbeadh
teasbánadh 'cínt agad."

"Níl aimhreas a' bith agam nach hé a rinne é" = dar liom gurb
é a rinne é.
"Is mairg a bheadh aimhreas air, na dheidh sin"
"Is fada mé in aimhreas ar a' gceann céadna."
"Níl tada dhá aimhreas agam, nach hé a ghoid í" = tá mé
cinnte gurb é a ghoid í.
Níl a dhath dhá aimhreas agam, nach hí a bhí ina bhun
a's ina bharr."
Bhain aimhreas dó, nar cheart dó é a dheanamh" = bhuail aimhreas
é, nó chuimhnigh sé nar cheart é 'dhéanamh.
"Bhain aimhreas dom, nuair a chonnaic mé 'teacht amach í
agus an toirt faoi na seál."
"Is mór m'aimhreas, gur ar sin atá sé 'forcabhás."
Tháinic sé in aimhreas orm, go mb'fhéidir go gcuir(f)idhe aon-
chaidéis orm fhéin faoi."
"Níor bhrath sé tada idtosach, ach tá sé in 'aimhreas air anois." = níor
thug sé tada faoi deara idtosach (níor chuimhnigh sé ar thada i
dtosach) ach tá aimhreas anois aige gur thárluigh, gur goideadh
gur dearnadh, nó go ndearna duine áithrid, rud
éicínt.
"Tá sé faoi aimhreas" = tá aimhreas aige …
"Tá sé faoi aimhreas, gur tugadh rud eicínt uaidh, ach níl fhios
aige céard é fhéin fós."
Bainfe sin a' t-aimhreas dhíomsa" = ní beidh(f)idhear
san aimhreas ormsa feasta mar gheall gur thárluigh (gur fritheadh,
dubhradh etc) sin."
"Tá mé san aimhreas ar Cháit" = "tá aimhreas agam gurb í
Cáit ba cionntaighe."

Aininn = éirim, tuiscint; cainnt ar srath.

"Níl aon-aininn ann a' cainnt" = níl aon-éirim in a chuid cainnte. [Níor chuala mé ariamh é, ach uair amháin i gCamus]

Ainm = an focal a tugtar ar dhuine ar bheithidheach nó ar rud; i riocht's go mb'fhusa é aithneachtáil thar dhaoine thar bheithidhigh nó thar rudaí eile. [Iolraidh — ainmneachaí: déantar r den dara n amanntaí ainmreachaí: gein. uathaidh — ainme.]

"Cé'n t-ainm atá ort?"
"Cé'n t'ainm agus a' sloinneadh atá ort?" [Is annamh anois a chloistear 'céard is ainm duit' ná cá h'ainm thú, ach thuig(f)idhe é gan stróbh]
"Sé'n t-ainm atá orm Seán agus an sloinne, Curraoin."
"Sé'n t-ainm agus a 'sloinne atá orm Seán Ó Curraoin"
"Sé m'ainm a's mo shloinne Seán Ó Curraoin."
"Séard is ainm a's sloinne dhom Seán Ó Curraoin" [Is annamh a baintear leas as a' leagan deire seo anois, ach is minic é is na h-amhrán:
"'Séard is ainm a's sloinne dhom, bainríoghan na bruighne de chineál na Síofra (Síodhbhra) as Cnoc Leitir Móir."
Deirtear freisin "'sé's ainm a's sloinneadh dhom"]
"Cé'n t-ainm baistighe atá ort, Seán nó Tomás nó Micil."
"Colm a' t-ainm baistighe 'bhí air, ach baisteadh leas-ainm air"
"Níl aon-fhios agamsa ar ainm."
"Ainm aisteach atá air: is i bhfad ó chéile a chloisfeá é sa tír seo" = uair sé nó seachráin, a chloisfeá an t-ainm atá air sa tír seo.
"I bhfad ó chéile a chloisfeá M'leachlainn 'sna bólaí seo, ach is ainm mór é faoi Ghnó Mhór" = tá sé ar chuid mhaith faoi

Ghnó Mhór: [ó Mhuigh Cuilinn ó thuaidh]

"Ainm gann é Darach i gCois-Fhairrge, ach tá sé ar 'chaon dárna duine faoi Chonamara."

"Uair 'sna naoi n-áird, a chloisfeá an t-ainm sin ar dhuine annseo anois, ach bhí sé fairsing go maith fadó" = uair i bhfad ó chéile a chloisfeá é anois.

"Sean-ainm fiannach é sin sa tír seo" ainm atá ann i bhfad ariamh. [Fiannach = sean. Focal Achréidh é sin. Níl sé le cloisteáil ó Ghaillimh siar]

"Is fada ariamh an t-ainm sin i gConamara."

"Ainm ó'n díle é sin i gConamara, má's fíor do na h-ughdair."

= ainm fiannach: ainm atá i bhfad ann.

"Ainm nuadh-aosach é sin sa tír seo, ach ní mór le daoine anois é thabhairt ar a gclann, le faitchíos nach mbeidís sáthach galánta."

"Is iomdha ainm nuadh-aosach atá dhá thabhairt ar dhaoine le goirid, ach is teanntásaighe a bheinn fhéin, ar na h-ainmneacha a bhí againn ariamh."

"Níl Peadar sáthach galánta aca(b) anois, go gcuire siad leagan ar an ainm ["Pete nó Peter"]."

"Ní thiubharfa mise cead d'aonduine m'ainm a chuir as a riocht [as a chuma]. Tá'n t'ainm a bhí ar a' Naomh Pádraic sáthach maith dhomsa" = bhíodh na daoine a' tabhairt "Pat" air

agus níor thaithnigh sé leis. B'fhearr leis Pádraig."

"Tá na hainmneachaí uilig dhá gcuir as a'

gcuma ar a' saoghal seo."

"Tá a gcaoi fhéin acab ar na h-ainmneachaí agus go

deimhin ní deas iad" (daoine adéarfadh Ted in áit Tadhg. Eily

in áit Eibhlín, Delia in áit Brighid etc)

"Ní chuimhnighim cé'n t-ainm atá air, ach ní ainm tíreamhail

[tíorthamhail] é ar aon-nús (nós)" = ní ainm gaedhealach é; ní

fheicfeá duine dhá ainm sa tír seo.

"Aindeoin gur Punncánach é, is tíreamhail é 'ainm (is tíreamhail

a' t'ainm atá air." = cé gur Punncánach é, tá ainm tíreamhail nó

gaedhealach air. [tíreamhail = gaedhealach = homely]

"Is gaedhealach a' t-ainm atá air — Páidín."

"Nach gallda a' t-ainm a thug sé air — Noel." [Gallda = galánta = ainm

nach mbaineann le na bólaí seo]

"Is galánta [árdnósach, leitheadach etc) an t-ainm

atá air."

"Le stráineas [stroinéas — focal Achréidhe] a thugadar ainm chomh Gallda

sin air."

"Ní raibh cáll dób (dóibh) ainm leath chomh galánta a thabhairt air, ach cá'r

fhága tú an onóir dhona" = [féach "onóir"]

"Tá na h-ainmneachaí tíreamhla dhá leigean i léig ('un siléige, i bhfaillighe, dhá

gcaitheamh igcártaí, dhá gcaitheamh idtraipísí, dhá gcaitheamh i leathtaobh

i leithrigh etc) ar a' saoghal seo."

"Is gaedhealach an t-ainm a thug sé air — Páidin" = is tíreamhail a' t-ainm atá air

[igcásanna de'n tsórt seo ba cheart gaedhealach agus gallda a leitriú le 'g' beag

le eidir-dhealú a dhéanamh idir iad, Gaedhealach, Gallda; a bhfuil sain-

bhrigh leo ar an saoghal seo]

"Ghlaoidh sé in m'ainm orm" = thug sé m'ainm orm.

"Bheannuigh sé in m'ainm agus in mo shloinne dhom" = dhá gcastaí duine leat nar aithin tú, nó nár shíl tú fios t'ainme ná do shloinne a bheith aige, déarfá seo.

"Is tráthamhail a bhí m'ainm aige" = is iongantach go raibh fios m'ainme aige.

"Luacas (Lúcás) a bhí air, agus d'fhan ainm ar a' ngarraidhe sin ariamh ó shoin"

"D'fhan ainm ar an áit sin ariamh ó shoin.

"Ní hé Seán s'agai(bh)se é, ach is fear ar ainm é (duine ar ainm, duine dhá ainm) = duine eile a bhfuil Seán air.

"Maran tusa é, is duine ar t'ainm é."

"Tá an bheirt ar aon-ainm (amháin) = "sé'n t'ainm céadna atá ar a' mbeirt.

"Tá triúr sa teach sin ar aon-ainm a' sean-athair, a' t-athair agus a' mac"

"Má's fear dhá ainm anois é, caithfidh sé cumaoin linn" = má tá sé chomh maith agus atá a ainm, cuirfe sé cumaoin orainn = tá cáil na gnaoidheamhlachta agus an oinigh air, agus cuireadh sé leis anois.

"Má's fear dhá ainm é, d'eile céard a dhéanfadh sé" = má tá sé chomh dona agus atá a cháil, 'deile céard a dhéanfadh sé, ach a' rud a rinne sé.

"Má's fear dhá ainm é, ní leigfe sé uaidh é gan é a mharbhú."

"Cé bhaist a' t-ainm sin ort" adéarfá le duine a raibh leas-ainm air.

"'Sé Maitiú a bhaist a' t'ainm sin air, agus ghreamuigh sé dhó" = 'sé Maitiú a thug a leas-ainm air, idtosach, agus tugann chuile dhuine air anois é.

"Dheamhan 'fhios cé bhaist a' t'ainm sin air idtosach, ach sé atá ag chuile dhuine air anois" = sé'n leas-ainm a thugas 'chuile dhuine air, aindeoin nach bhfuil a fhios, cé thug air, an chéad uair é.

"Pé'r bith cé bhaist a' t'ainm air, 'sé a bhaist a' t'ainm ceart air."

"Tá a dhíol d'ainm air cheana, agus gan sibse a' cur leagan anois air" = déarfaidhe seo, nuair a bheadh daoine ag athrú ainme duine eile cuirigcás "Peaid" ar "Phádraig" nó a mhacsamhail.

"Ní dhéanfa an t'ainm a bhaist Dia air é, gan leagan a chuir air."

"Sin é an t'ainm atá air ó Dhia a's ó'n saoghal, agus níor cheart d'aonduine a dhul a' cur leagain air."

"Tá'n t'ainm ba dual dó air" = an t'ainm ba chóir dhó a bheith air ó shínnsir.

"Cuir isteach t'ainm leis a' bpinsean" = cuir éiliughadh ar a bpinsean; iarr a' pinsean.

"Tá 'ainm istigh aige leis (ar) a' bpinsean le fada" = tá sé ag éiliughadh an phinsin le fada.

"Ní chuirfeadh sí isteach a h-ainm leis a' bpinsean, a' leigint óige uirre féin."

"Cuir isteach t'ainm ar Chonndae na Midhe (ar a dhul go Conndae na Midhe) = iarr thú a aistriú go Conndae na Midhe.

"Níor chuir sé isteach 'ainm ar a 'dole' luath ná máll" = níor éiligh sé an 'dole' chor ar bith aon-uair.

"In ainm fhéin atá an talamh" = 'sé a ainm fhéin atá thíos leis a' talamh (ní hé ainm athar ná mháthar ná aon-duine eile)

"In ainm athar atá an teach, ach is in ainm seisean atá an gabhaltas."

"Sílim gur cuireadh ainm síos leis an talamh" = má's in ainm athar nó dhuine eicínt eile a bhí an talamh, h-athruigh-eadh a' t'ainm sin, agus cuireadh in ainm fhéin é.

"Is fada an lá an áit in ainm fhéin" = is fada an lá a ainm thíos le teach, talamh agus a bhfuil ann.

"Mara bhfagha sé a bhfuil istigh agus amuigh ann in ainm fhéin, ní phósfa sí é" = mara n-aistrightear chuige-san de réir dlighe, teach, talamh agus tráigh agus eile, ní phósfa sí é."

"Ní thiubharfa an t'athair an áit dó in 'ainm fhéin go gcáilltear é."

"Is mór atá mé ag (dh)uil amudha, má thugann a' cantallóir
is athair dó, an áit suas dó in ainm féin."
"Thug a' t'oncail an áit suas dó, agus níl air anois, ach é fhaghail
(é 'chur) in ainm fhéin." = d'fhága an t'oncail an áit aige len'
udhachta, agus níl le déanamh anois aige ach a' t'ainm 'athrú.
"Is mór a' t'iongnadh liom go dtug a' t'athair an áit dó in
ainm fhéin, go bhfeiceadh sé leis" = cuireann sé iongnadh orm
nar fhan a' t'athair scathamh eile, shul a dtiubhradh sé an
áit suas dó.
"B'fhearr dó an áit a thabhairt dó in 'ainm fhéin, ná 'bheith 'cuir
treampáin air mar sin" = b'fhearr dhó an áit a aistriú
chuige, ná 'bheith a' cur bacainn a's guaim' air, mar
atá sé.
"Cé'n chall a bhí dhuit m'ainm a tharraint anuas (a tharraingt
síos) chor ar bith sa scéal" = níor cheart duit m'ainm a luadh
beag ná mór (nuair a thráchtfadh duine ar dhuine eile
in áit nó i gcomhrádh nar cheart dó, ná nuair a thráchtfadh
sé air leis a' milleán a bhaint dhe fhéin nó a shamhail).
"Ní bheadh aon-tsástuigheacht ort go dtarraingtheá
m'ainm anuas, agus go mbeinn chomh cionntach leat fhéin."
"Nach mór a' bhain sé dhuit m'ainm a tharraingt anuas chor a' bith?"
= níor bhain sé dhuit (i.e. ní raibh aon-cheart agad) m'ainm a tharraingt
isteach sa scéal chor ar bith.
"Tá m'ainm tarraingthe thrídh t'fhiacla agad is 'chuile áit"
= labhrann tú orm is chuile áit, agus ní he an deagh-rud adeireas
tú fúm go minic.

"Má chloisimse go dtarraingeo(cha) tú m'ainm thrídh t'fhiacla feasta beidh scéal agad air (íocfa tú ann, beidh rud ar a shon agad etc.)."

"Níl troid ná bruighin sa tír, nach bhfuil 'ainm tugtha síos leis" = deirtear go mbíonn a láimh is chuile throid dhá mbíonn sa tír.

"Níl achrann ó thigh diabhail go tigh deamhain, nach bhfuil a ainm tugtha síos leis" = 'sé ráidhte na ndaoine, nach mbíonn troid in aon-áit nach mbíonn a mhéir innte.

"Goideadh caoirigh i Seana Mhóinín anuraidh, agus tá a ainm tugtha síos leo(b)."

"Tá ainm Sheáin tugtha síos leis a' rubáil seo a rinneadh oidhche an aonaigh."

"Tá 'ainm chomh maith le duine, tugtha síos leis a' mbean sin a raibh an chlánn aice, annsin thiar, an lá cheana."

"Leisce na bréige, níl fhios againne a raibh láimh ná cois ag a' bhfear ariamh innte, ach bhí 'ainm tugtha síos léithe, ar aon-nós."

"Is deacair dhó a leas a dhéanamh agus a liachtaighe uair atá

'ainm tugtha síos le mná."

"Ní fhéadfadh sé aon-deagh-chríoch a bheith air, tús na breithe ag Mac Dé, agus a liachtaighe uair a bhfuil 'ainm tugtha síos le chuile mhíádh."

"Níor cloiseadh 'ainm tarraingthe (anuas) síos le troid ná achrann (le troid ná bruighin ariamh)

"Tá 'chuile dhuine buidheach dhó sin, mar níl ainm tarraingthe síos le mioscas ná míádh 'bith"

"Ná cainntigh (trácht, labhair) in ainm air amháin" = déarfá seo nuair a bheadh an oiread uilc agad do dhuine eicínt, agus go gcuirfeadh sé múisiam ort a ainm a chloisteáil; nó freisin nuair a thosóchadh duine a' caitheamh a's a cáineadh ar dhuine eicínt a raibh an-mheas agad air, nó gaol agad leis etc.

"Ná cainntigh in ainm amháin air — an sladuidhe!"

"Seachain a' gcainnte(ochth)á in ainm air — an scaibhtéara!"

"Ná labhair in 'ainm air — an gaduidhe corónta!"

"Fainic a' dtráchtfá an ainm — ní luaghar (lughar) liom an sioc ná é, ná aon-dhuine a bhaineas leis!"

"Ná trácht in ainm air amháin — níl aon-nidh ar thalamh an domhain is luaghar (lughar) liom ná é!"

"Ná cainntigh in ainm amháin ar Sheán! — thug Seán a' ghnaoidheamhlacht abhaile leis, ní hé t'fhearachtsa é,

a chine faoi chopóig" = ní tiubharfa mé cead duit ainm
Sheáin a tharraingt thrídh t'fhiacla: ba dual do
Sheán a bheith gnaoidheamhail, geanamhail, ní hé sin
duitse, nach bhfuil fhios cérab as ar tháinig do
mhuinntir. [Féach cine]
"Ná labhair in ainm amháin ar mo mhac-sa! — ní hí an láimhín bhradach
atá aige, fearacht do chlánn-sa" = ní bhfuighe tú cead a dhul a'
a' díbliú ar mo mhac-sa. Tá sé cneasta, ní hé sin de
do chlánnsa.
"Dubhairt mé léithe dhá gcainntigheadh sí in ainm amháin ar m'fhear-
sa, go n-innseochainn dindiúirí a fear s'aice-féin di."
= dubhairt mé léithe, dá ndéanadh sí a dhath tromachain ar
ar m'fhear-sa, go n-innseochainn-se di cé hé
a fear féin (i.e. go n'innseochainn a dhroch-thréartha etc di)
"Dhá gcainntigheadh sí in t'ainm ort amháin, deirimse leat
go n-innseochainnse di, cé hí féin."
"Dhá gcainntigheadh sé oiread agus in 'ainm air, roínnfinn an onóir
leis" = thiubhrainn a' teanga dhó.
"Ó's sin é a ainm! = ní féidir a mhaltraid d'ainm a thabhairt
air.
"Seán Phádraic — a' scaibhtéara — ó's sin é ainm!" = ní féidir
a mhalrait d'ainm ach scaibhtéara a thabhairt ar Sheán
Phádraic.

"Gabh amach annseo a leaduidhe ó's in é t'ainm."

"An 'murdaróir' ó's in é 'ainm!"

"Na creid focal uaidh an mbréagadóir, ó's in é 'ainm!"

"Ná taobhuigh an bacach, ó's in é 'ainm."

"Fainic a' mbeadh plé a' bith agad leis an áidhbheirseoir

ó's in é 'ainm"

"Sin é 'ainm — rubálaidhe agus dearg-rubálaidhe" déarfadh

duine seo, nuair adéarfadh duine eile go mbadh rubálaidhe

a léithide seo nó a leithide siúd, agus é fhéin ar an intinn chéadna.

"Sin é 'ainm — cluanaidhe agus dubh-chluanaidhe."

"Is tú a bhaist a' t-ainm ceart air — giolla na gríosaighe —

níl a mhaltraid feilteach dó." [Giolla na Gríosaighe = leaduidhe

na luaithe = guróir a chothuigheas a' splannc i gcomhnuidhe]

"Níl d'ainm air, ar fud an phobail ach gaduidhe" = níl aca(b) ach

gaduidhe i bhfus a's tall air ar fud a' phobail."

"Níl d'ainm (de leas-ainm) air siar ach Preabach" = ní thugann muínntir na háite siar d'ainm air ach 'Preabach'.

"'Sé a bhfuil d'ainm air faoi shléibhte, 'Buttereen'"

"'Sé a bhfuil d'ainm air, síos faoi na Líbeirtí 'Tom an Ime'"

[féach "Libeirtí"].

"Níor tugadh d'ainm ariamh air, annseo, ach 'Seán a' Ghiorráin'"

"Sin ainm bréige ata air" = ní hé ainm ceart é; 'alias'

"Bíonn ainm bréige ar 'chuile dhuine de na ceannuidhthe sin"

["Ceannuidhe" = fear cnuasaighthe ceirt, nó mangaire díolta mion-earraidhthe]

"Leas-ainm" = ainm a bhaistfeadh na daoine ar dhuine.

"Níl de leas-ainm air ach 'Doll'."

"Tá leas-ainm ar 'chuile dhuine i Seana-Ghurráin."

"Chuirfeadh an leas-ainm sin le buile a's le báinidhe í."

"Ná tabhair a' leas-ainm sin air, ar mhaith leat fhéin."

"Sciorr a' leas-ainm uaim, agus ní raibh an oiread de náire ariamh orm" = thug sé an leas-ainm air, agus níor chuimhnigh sé air fhéin, gur dhubhairt sé é etc.

"Fhobair dhá leas-ainm sciorradh uaim"

"Bhain sciorradh focail dom, agus thug mé an leas-ainm air" = níor chuimhnigh mé orm fhéin, gur thug mé a leas-ainm air.

"Dheamhan ar chuímnigh mo chroidhe, gur leas-ainm a' bith é" = dheamhan fios rúin ná broscair a bhí agam narb in é 'ainm ceart.

"Bhíodar a' glaodhach leas-ainmneachaí orm" (is minic adéarfadh páiste é, agus é ag iarraidh sásaimh a fhaghail ó na mháthair, nó ó dhuine eicínt eile)

"Thug sé leas-ainm orm, agus níor liomsa ab fhaillighe é, agus thug mé leas-ainm air."

"Má thug sé leas-ainm orm, ní raibh aige ach maltraid" = thug mise leas-ainm air fhéin.

"Níl cinneamhaint a' bith leis a' baisteadh leas-ainmneachaí ar dhaoine." = "is maith uaidh leas-ainmneacha a thabhairt ar dhaoine."

"Tá sé i gcomhnuidhe abuighthe leis a' leas-ainm" = "bíonn a' leas-ainm i gcomhnuidhe ar bhárr a' ghuib aige." Bíonn sé tráthamhail leis a' leas-ainm is feiltighe.

"Baistfe sé leas-ainm ort a ghreamó(ch)as duit le do shaoghal"

"Is fánach a' chaoi 'tugadh a' leas ainm sin air i dtosach, agus nach maith a ghreamuigh sé dhó (a d'fhan sé air) ó shoin."

"Ní ceart do dhaoine a bheith a' glaodhach leas-ainmneachaí ar
a chéile mar sin, mar is fánach a' chaoi a ngreamóchaidís
dób (= dóibh)"
"Tugadh a' leas-ainm sin air, as greánn (as magadh,
le frioth-mhaga, le ealadhain, le spóirt, le fánuidheacht
etc) agus d'fhan sé air."
"Níl leas-ainm a' bith ag (dh)uil uaidh" = tá leas-ainm dó
féin, baistighe aige ar 'chuile dhuine.
"Má thugann tú áird ar leas-ainmneachaí, ní bheidh a dhath
suímnis agad aon lá sa mbliadhain" (suímnis = suaimhnis]
= má ghlacann tú in olc é, leas-ainm a thabhairt ort, beidh
síor-olc ort.
"Ná tabhair aird' a' bith ar a gcuid leas-ainmneachaí —
ná leig ort féin go gcloiseann tú chor a' bith iad."

"Tabhair a' chluais bhodhar dhá gcuid leas-ainmneachaí."
= ná tabhair áirde 'bith air, pé'r bith cé'n leas-ainm a thiubhras sé ort.

Fuar-ainm [forainm — fuar ainm, fuar-chraiceann = for-chraiceann, fuar-allus = for-allus, adeirtear i gConamara]
Forainm = cineál leas-ainm, ach nach mar a chéile iad. Ainm aithiseach go h-iondamhail é an leas-ainm nó as aithis, as greann nó as tarcuisne a tugtar ar dhuine é.
Le tréith nó cáilidheacht shonntasach eicínt sa duine nó ar mhaith le idir-dhealú a dhéanamh idir é agus daoine eile nó a shamhail, a tugtar forainm ar dhuine i.e. Seán Ruadh, Micil Crosach, Páidin na Bolgaighe, Liam Dall, Nell Gheanncach, Peadar na h-Aille, Murrchadha Flaisc, Brighdín Mhamó, Sadhbh na Scolóige, Brighid a' Mhaide, Nóra an Rapuir, Seáinín Carrach, Tom a' Bhocstaí, Domhnall a' Cheaile, Cóilín na Stalach, Curraoineach a' Chnuic, Seán a' Gréasuidhe etc.
"Sé'n fuar-ainm (for-ainm) atá air, Micil Chamuis"

Ainm contráilte = ainm mío-cheart.

"Thug sé an t-ainm contráilte do na 'Peelers' nuair a rugthas air faoi sholus" = thug sé ainm mío-cheart do na póilíos, nuair a bhagruigheadar dlighe air faoi bheith ag imtheacht gan aon-tsolus ar a rothar nó ar a chárr.

"Tiocfa sé daor air, má fhaghann na póilíos amach go dtug sé an t-ainm contráilte dóibh"

"Is daor docharach an pionnta air é, má tá indán's go bhfuighe na póilíos amach gur thug sé an t-ainm contráilte uaidh" = cuirfear éiric throm air, má fhaghann na póilíos amach, nar thug sé an t'ainm ceart dóib, nuair a rugadar air, agus é ag ól pionnta th'éis an ama.

"Tuille ghéar do'n diabhal aige! Breágh ar thug sé an t-ainm contráilte dhóib ach an oiread le scéal."

"Tuille glugair (ch)uige! Is mór a theastuigh uaidh an t-ainm contráilte a thabhairt dhóib" = tuille diabhail chuige. Níor cheart dó ainm mío-cheart a thabhairt do na póilíos, agus tá sé fáighte amach aca(b) anois.

"Cuirfe siad siúd (na póilíos) cumaoin air, ach a' dá luath agus a bhfagha siad amach gur thug sé'n t-ainm contráilte dhóibh."

"Le gleacuidheacht má b'fhíor (dh)ó fhéin a thug sé an t-ainm contráilte uaidh, ach sílim go dtiocfa an ghleacuidheacht daor air, feadh 's na póilíos dhá fhaghail amach air [féach 'gleacuidheacht']

"Thug sé an t-ainm contráilte air fhéin le imeartas"

[féach "imirt", "imeartas"]

"Cuirfe mé mo rogha geall go ndéanfa na póilíos

amach fós, gur thug sé an t'ainm contráilte dhóib."

"D'imthigh [féach imthigh] an diabhal air, má thug sé an t-ainm

contráilte do na gárdaí" = ní bheadh a' diabhal suas le na chuid

imeartais má sé'n t-ainm contráilte a thug sé do na

gárdaí.

"Is deacair a dhul i mbannaí air, má thug sé ainm

contráilte uaidh, agus é ag béal a' doruis aca(b)" = níl rud

a' bith a' cinneamhaint air etc. = "bain sé barr dhá bhfaca

tú ariamh má thug sé an t-ainm contráilte do na

gárdaí, agus é in a chomhnuidhe ar ghort a' bhaile aca(b)."

"Thug sé ainm greannmhar, (baramhail etc) air"

"Tá ainm aige air, agus ní hé an t-ainm slachtmhar é" = ní leas-ainm gnaoidheamhail

ná deas atá aige air; tá ainm aige air, nach bhféadfá a rádh i láthair

comhluadair.

"Ní hé an t-ainm slachtmhar, a thiubhras sé siúd ar aonduine."

"Níor ghlaoidh sé aon-ainm slachtmhar ar aon-duine ariamh"

"An gráiscín! — níor tháinic aon-ainm slachtmhar as a bhéal ariamh"

[féach "gráiscín"]

"Ainm baramhail a thug sé air, ach ní ainm slactmhar é"

= thug sé leas-ainm air, a bhainfeadh gáiridhe as, ach mar sin fhéin ní ainm gnaoidheamhail le rádh é (níl sé ionráidhte).

"Bhí sé tabhairt (blaodhach) ainmneachaí orm" = do mo mhaslú; do mo dhíbliú

"Ná tabhair ainmneachaí níos mó air, ar mhaith leat fhéin."

"Má chloisimse go dtiubhra tú leas-ainmneachaí gránda ar aon-ghasúr feasta, roinnfe mé an tslat leat (tiubhra mé Túirne Mháire dhuit, liúradh etc.)."

"Ní mór dhuit a bheith ar do shon fhéin, má thugann tú aon-ainm gránda ar aon-duine níos mó" = ní mór dhuit a bheith ar t-áirdeall féin (buailfear thú etc) etc.

"Thug sé ainm gáirseamhail orm" = ainm mío-gheanmnuidhe.

"Níl aon-ainm a' gabhail leis, ach ainm gáirseamhail" = ní thagann aon-ainm as a bhéal ach ainm gáirseamhail"

"Ba ghránda (gáirseamhail) a' t-ainm a tháinig as a bhéal."

"Is deas a' t'ainm atá ar a bhéal!" = "is slachtmhar a' t-ainm atá ar a bhéal aige!"

"Is maith an t-ughdar é! Ar chuala tú an t-ainm a bhí ar a bhéal!" = (déarfaí le gasúr é, mar dhoigh nach deagh-dhuine bheadh ann, nuair a d'eireochadh sé suas, agus a' t-ainm gránda gáirseamhail atá aige anois).

"Níl ainm thoir ná thiar nar thug sí orm" = dhíbligh sí agus mhasluigh sí mé; níl droch-ainm dár chuimhnigh sí air, nar ghlaoidh sí orm.

"Níl ainm thoir ná thiar nar thug sí ar a fear." = "cá'il a' t-ainm nar thug sí air?"

"Níl ainm thoir ná thiar, nár ghlaoidh an cúpla ar a chéile [cúpla = dís = beirt]

"Níor fhágadar ainm thoir ná thiar gan glaodhach (gan tabhairt) ar a chéile."

"Mhaithfeá do dhia, gan a bheith ag éisteacht leob, arae níl ainm thoir ná thiar nar thugadar fhéin ar a chéile."

"Cháill tú é, nach raibh ag éisteacht leo(b), mar níl ainm thoir ná thiar, nar thug ceánn ar a' gceánn eile."

"Bhíodar a' scaimhléaracht, agus níor fhága siad ainm thoir ná thiar gan glaodhach ar a chéile." = cá'il a' t-ainm nar ghlaoidheadar ar a chéile agus iad a' ropaireacht.

"Ní hé ainm Dé a bheadh leath chomh minic ar do bhéal leis a' droch-ainm.

"Tá ainm a' diabhail agad go maith, ach ní bheadh ainm dé agad leath-chomh maith."

"Ná tabhair ainm dé gan fáth" (dara h-aithne dé)

"Ná bí 'tabhairt ainm dé gan fáth mar sin."

"Is mór a' náire dhuit é, a' tabhairt ainm dé gan fáth."

"Is mór a' peacadh dhuit a bheith 'tabhairt ainm dé gan fáth."

"Cé'n chall atá dhuit a' bheith 'tabhairt ainm dé gan fáth."

"Tá ainm dé gan fáth agad ar 'chuile dár(n)a focal."

"Ní bheadh 'in ainm an Athar' ráidhte agad san am a raibh sé isteach in a(r) mullach" = tháinic sé isteach gan aon-mhoill, nó sul a raibh súil leis.

"Bhí sé réidh sul dhá mbeadh 'in ainm an Athar' ráidhte agad."

"Bhí 'dhinnéar ithte aige an fhad's bheitheá 'rádh 'in ainm an Athar'"

"Ní mó ná go mbeadh 'in ainm an Athar' ráidhte agad, san

am, nach raibh aon-amharc air."

"Is beag le go mbeadh 'in ainm an Athar' ráidhte agad, san am ar bhailigh sé leis."

"Ní hé mórán le 'n ainm an Athar' a bheadh ráidhte agad, ó tháinic sé, gur imthigh sé arís."

"Badh é do chloch-neart 'in Ainm an Athar' a bheith ráidhte agad an fhad's chaith sé leis" (an fhad's bhí sé dhá dheanamh).

"Bheadh sé cruadh agad (thiocfadh sé righte leat, ba air a chruadh-chúis duit etc) 'in ainm an Athar' a bheith ráidhte agad, ó thosuigh sé gur chríochnuigh sé."

"Má ghníonn tú sin, beidh t'ainm imbéal a' phobail" = beidh an tír a' cainnt ort.

"Má thugann tú comhluadar dó sin, is gearr gurab é t'ainm a bheidheas i mbéal a' phobail" = má bhíonn tú in a chomhluadar sin go minic, is gearr go ndéanfa tú rud náireach éicint a mbeidh an tír a' cainnt air.

"Ná bíodh t'ainm imbéal na ndaoine má fhéadann tú" = ná bíodh na daoine a' cainnt ort, má fhéadann tú; ná

tabhair ughdar cainnte do na daoine.

"Is fada ainm a' cheánn chéadna imbéal na ndaoine."

"Mara dtuga tú aire dhuit fhéin, beidh t'ainm imbéal na ndaoine as a dheire."

"Ó bhí sé 'na chainnt faoi fhéin a's faoi'n mbean sin thiar, tá 'ainm imbéal a' phobail"

"Is deas a' caoi ort anois é, agus t'ainm imbéal na ndaoine as éadan."

"Ná déan aon cheo a chuirfeas t'ainm imbéal na ndaoine"

"Fainic a' mbeadh oiread de chathú ort, agus go gcuir(f)idhe t'ainm i mbéal na ndaoine."

"Ní deas a' rud de dhuine 'ainm 'bheith imbéal na ndaoine"

"Is maith a chrúthóchas tú nó beidh t'ainm imbéal na ndaoine"

"Níor bhain sé (tada) as t'ainm thú" = níor bhain sé do chliú dhíot; níor chuir sé ó chliú thú = níor thug sé mí-chliú ort.

Páidín: dubhairt sé go mbadh bacach mé.

Tom: go deimhin má dubhairt fhéin, níor bhain sé tada as t'ainm thú: (i.e. is bacach thú)

"Dhá mbainfeadh sé mise as m'ainm, ní leigfinn leis chomh réidh sin é" = d'ídeochainn air é, dhá dtugadh sé mí-chliú orm.

"Is beag a' suím atá aige siúd duine a bhaint as ainm."

"Níl leisce a' bith uirre siúd duine a bhaint as 'ainm

"Is mór a' t-ughdar náire dhi, an cailín beag a bhaint as a h-ainm."

"Dhá mbadh mise thú, ní bhainfeadh as m'ainm aríst mé"

"Má bhain sé as t'ainm thú, breágh nach gcuireann tú dlighe, agus creid mise dhuit ann gur daor a d'íocfadh sé é."

"Ní bheadh a dhath scrubaill aige siúd sagart a' paráiste

a bhaint as 'ainm."

"Is suarach a' chaoi de dhuine 'bith duine eile a bhaint as ainm."

"Cidh Dia gur mór a' peacadh créatúr a' bith a bhaint as ainm."

"Nach hé an náire bhruithte é, go bhfuil cead aige 'chuile dhuine a bhaint as 'ainm agus gan lá araoid' dhá chuir air."

"Duine dona a bhainfeadh sé as 'ainm" = dá mbeadh aon spioraid sa duine a leagfadh sé mí-chliú air, bhuailfeadh a' té sin é, nó bhainfeadh sé 'shásamh amach ar chaoi eicínt.

"Tá mé reicthe agus bainte as m'ainm 'chuile ré soluis aige."

"Dhá dtugainnse chun cúirte é, mise imbannaí nach mbainfeadh sé as m'ainm aríst mé."

"Bhainfeadh an ropaire sin, an té is gnaoidheamhla sa tír, as ainm."

"Dhá mbaineadh sé mise, as m'ainm, ní bheadh aige, ach malrait" = bhainfinnse eisean as 'ainm freisin.

"Is beag an náire uirre a dhul a' baint duine 'bith as 'ainm."

"Tá sé chomh mhaith dhuinn a bheith ag imtheacht in Ainm Dé" (nó in ainm Dé agus Mhuire)

"Céard tá de rún agaibh a dhéanamh anois, in Ainm Dé."

"Ná bígidh a' troid in 'ainm Dé."

"Tá sé in am againn imtheacht in ainm Dé."

"Cé'n obair a bheidheas ort imbáireach in ainm Dé."

"In ainm Dé anois, tá sé chomh maith dhaoib eirghe as" (as obair, sáruigheacht, troid etc)

"Tiocfa mé 'na phortaigh imbáireach in ainm Dé"

"Bíodh ciall agaibh in ainm Dé a's Mhuire, a's ná tugaidh ughdar cainnte do'n tír" [déarfaidhe é le dream a bheadh ar thob troda]

"Tá sé in am codlata in ainm Dé"

"Cá'ide go bpósa tú in ainm Dé?"

"Tá sé chomh maith agaibh in ainm Dé a's Mhuire a bheith giorrú an bhóthair, ó tá sé romhaib."

"Tá a ainm i bhfad a's ingearr" = a chliú nó mhío-chliú (go h-iondamhail mío-chliú).

"Chuaidh 'ainm i bhfad a's ingearr, faoi'n rud a rinne sé an bhliadhain cheana."

"Is suarach a' t-íongnadh 'ainm a bheith i bhfad's ingearr, a's go bhfuil sé in a choileach (i.e. a' troid) ar 'chuile aonach."

"Tá 'ainm faoi'n tír, ó'n uair a bhain sé'n t-airgead, de'n

de'n cheann (i.e. de'n fhear) sin thiar."

"Beidh 'ainm faoi'n bpobal uilig anois fharrus ariamh"

= beidh chuile dhuine a' cainnt air, seachas ariamh.

"Beidh siad a' borradh leis, go dteighe a ainm (a cháil) faoi'n tír" = beidh siad a' saghdadh faoi, agus a' tabhairt ugaigh dhó, rudaí contráilte a dheanamh, go mbí na daoine ar fad a' cainnt air, ar ball.

"Tá sé luath aige, arae is gearr ó cheana, bhí a ainm faoi'n tír" = níl sé i bhfad cheana ó bhí droch-cháil air, agus tá sé luath aige, rud eicínt a dhéanamh fós, a thuíllfeadh droch-cháil dó in ath-uair.

"Tá 'ainm amuigh air, gur gearr go bpósa sé."

"Ní hé is measa, ach a' dream, a chuir 'ainm faoi'n tír"

= is measa an dream a chuir mí-chliú air, ná é fhéin.

"Cuir ainm ar a' rud atá tú 'iarraidh" = abair cé'n t-ainm atá ar a' rud atá uait.

"Cuir ainm anois air, agus má tá sé 'sa teach gheobha tú é" = abair céard a theastuigheas uait etc.

"Is deacair dhom é 'thabhairt duit, nuair nach gcuireann tú ainm air."

"Cuir ainm anois ar a' ngaduidhe, feiceamuist" = 'sé do dubhshlán 'innseacht cé hé an gaduidhe, mar nach bhfuil fhios agad, cé hé.

"Cuir ainm ar do rogha deoch anois, agus gheobha tú í."

"Cuir ainm ar do dheoch go beo, mar's beag a' lonnú 'fhéadfas muid a dhéanamh annseo."

"Níor fhága sé mac a' peata ar a mbaile gan ainm a chuir air, le na póilíos, faoi na chuid féir a dhóghadh."

"Chuir sé 'ainm ar dhaoine a bheith ag a' damhsa, nach raibh ní ba goire dhó, ná tóin thiar Chonamara" = dubhairt sé go raibh daoine ag a' damhsa, a bhí igceann thiar Chonamara, nuair a bhí an damhsa ar siubhal.

"Cuir ainm ar do rogha duine sa tír anois, a bhfuil airgead tirm aige" = 'sé do dhubhshlán anois duine a' bith a ínnseacht dhom a bhfuil airgead leagtha thairis aige.

"Chínnfeadh orm ainm a chuir ar dhuine 'bith anois, a mbeadh crann deilbh' aige"

"'Sé mo chloch-neart anois, ainm a chuir ar aon-teach ar a' mbaile seo 'mbeadh uibheachaí áil ann."

"'Teirigh go Gaillimh' adeir sé, agus chuir sé 'ainm ar a leithide seo de dhuine ann. 'Mara bhfuil fhios aige sin tada faoi' adeir sé, 'caith sneachta ar a lorg'"

"Chuir sé ainm ar a leithide seo de dhuine ar na Criogáin, agus dubhairt sé gurb' é a bhí ann."

"Chuir sé ainm ar a leithide seo de theach ar a' bPúirthín, agus dubhairt sé gurb ann a h-itheadh mo chuid caorach"

"Cé'n mhaith dhuit ainm a chuir ar aonduine, nuair nach bhfuil aon-chrúthú agad in' aghaidh."

"Níor chuir sé aon-ainm ar aon-duine thar a chéile"

"Baoghal ar siúd ainm a chur ar aonduine, ar fhaitchíos go gcuirfeadh sé é fhéin in adhastar an anró"

"Ní chuirfeadh sé 'ainm ar aon-duine thar a chéile, ar fhaitchíos go mbéar(f)aidhe ar theanga(dh) air" = níor thug sé ainm ar aon-duine thar a chéile, ar fhaitchíos go bhfaighthidhe brabach ar a' rud adéarfadh sé"

"Níor chuir sé ainm ar cheachtar aca(b) agus ba le 'bheith críonna dhó fhéin sin."

"Ní táilliúr é ach ainm Táilliúra" = níl aon-rath in a tháilliúr leis; fíor-dhroch-tháilliúr é; 'sé díoghadh na dtáilliúirí é.

"Tá ainm siúinéara annsin thiar i gCois-Fhairrge, agus ní bheadh liosta (liasta) doruis déanta aige in imtheacht seachtmhaine."

"Níl ann ach ainm figheadóra" = sin é 'n figheadóir eile!

"Tá ainm saoir thoir 'sna Forbacha agus bheadh sé chomh maith

dhuit gasúr a chuir in éadan balla leis."

"Is ainm táilliúra é, ach 'sé bhfuil ann é" = tugtar táilliúr air, ach is fíor-dhroch-táilliúr é.

Pádraig: nach gabha é.

Seán: tá ainm air (i.e. Is ainm gabha é), ach sin é an gabha eile!

"Tá ainm siopa aige, ach níl luach leithpighne aige ann"

"Ní capall atá aige, ach ainm capaill" = níl tarraingt na gcos innte.

"Tá ainm mná aige" = bean bheag, chlaoidhte chaithte cháillte atá aige.

"Tá ainm tighe aige, ach chomhairfeá na réalta thríd" = d'fheicfeá a bhfuil de réalta ar an aer, le na bhfuil de phuill i dtaobhannaí an tighe atá aige.

"Ní 'bicycle' atá aige, ach ainm 'bicycle'." = leithscéal de róthar.

"Ní talamh atá 'san áit seo, ach ainm talmhana"

"Tá ainm ceardchan ann, ach bhí sé chomh maith dhuit do chapall a thabhairt (ch)uig figheadóir le na tabhairt ann."

"Tá 'ainm agam (i.e. céacta, crann deilbhe, currach nó acra foghainteach a' bith mar sin), ach is beag a' mhaith é."

In ainm's = mar dhóigh de, a' cur igcéill.

"Tá sé in ainm's a bheith ag obair, ach sin í an obair eile, a dhéanfas sé sin" = tá sé ag obair mar dhóigh dhe, ach níl sé, ach a' cur isteach an ama.

"Tá sé in ainm a bheith (a)g (dh)ul a' pósadh le mo chuímne, ach níor phós sé fós" = deirtí go mbíodh sé ag dul a' pósadh.

"Bhí sé in ainm's a bheith a' sleághdóireacht Dia Luain, ach níl an oiread móna indiaidh a láimhe, a's a bhrúithfead pota fataí dhuit."

"Tá sé in ainm's a bheith in a dhochtúr, ach sílim gurab é an dochtúr mar siúd é."

"Dhá mbeidhinnse in ainm's é 'dhéanamh, dheanfainn é" = ní raibh aon-chall dom é 'dheanamh; níor chuid de mo ghnaithí é.

"Tá sé in ainm's a bheith 'saothrú trí phunt sa tseachtmhain i Sasana." = deirtear go saothruigheann sé trí phunt sa tseachtmhain i Sasana.

"Tá sé in ainm's a bheith an-droch-(mh)úinte, ach dheamhan ceo dhá chuid droch-(mh)úineadh a chonnaic muide ariamh"

= deirtear gur duine olc, oilbhéasach é, ach ní
raibh sé amhla linne ariamh.
"Tá sé in ainm's airgead a bheith aige, ach
má tá, is beag dhá smais (dhá shlacht, dá chosamhlacht
dhá chuma etc) atá air."
"Tá sé in ainm's a bheith tínn ar an aimsir seo."
"Tá sé in ainm's a bheith buailte suas, ach is beag
dhá chuid leaduidheachta é, sílim" = leigeann sé fhéin
air fhéin go bhfuil sé tínn, ach leisce atá gabhail dó, cheapfainnse.
"In ainm's a bheith 'faghail bháis atá sé ó tháinig cuímne
dhom, agus ní fheiceann muid a dhath clóice fós air."
"Tá sé in ainm's a bheith gortuighthe, ach is beag dhá chuid
ealadhain é."
"Bhí sé in ainm's a bheith (a)g (dh)ul go Sasana, an t-am seo
'nura(idh), ach is cosamhail gur loic sé 'na dhiaidh sin."
"Bhí sé in ainm's a bheith ag dul in a shagart an bhliadhain
cheana, ach is beag a' chosamhlacht sagairt atá anois air."
"Bhí sí in ainm's a bheith ag dul 'sna mná riaghalta lá goirid
ó shoin, ach is mó an rachmall pósta ná mná riaghalta
atá uirre anois."

"Bhí a cleamhnas in ainm's a bheith déanta le fear Achréidhe athrú anuraidh, ach deir siad gur briseadh arís, in áit nach raibh aon-mheas aice air."

"Tá siad in ainm's a bheith in a gcaoiseachaí" (i.e. gcomhaoiseachaí) = deirtear gurab í an aois chéadna atá aca.

"Tá siad in ainm's a bheith coimh-mhéad, ach cheapfainnse go bhfuil bantáiste [buntáiste = méad = biseach = maith] mhór ag a' gceánn sin, ar a' gceánn eile."

"Ó tá an dá roínn (fheamuinne) in ainm's a bheith comh-fhada, bíodh do roghain agad, agus má bhíonn tú siar leis, ort fhéin a bheidheas a mhilleán."

"Tá'n péire in ainm's a bheith comh-aois, ach tá maith mhór ag gamhain Phádraic ar ghamhain Sheáin."

"Bhí an dá mhuic in ainm's a bheith an meadhchan céadna, ach d'aithneochadh dall gan súil go mbadh truime go fada, muc Sheumaisín na muc Pheadair."

"Tá sé in ainm's a bheith luath-lámhach, agus ní abróchainn nach

'bhfuil a' ceart sa méid sin" = deirtear go ngoidfeadh sé rudaí, agus sílim féin freisin go ngoidfeadh.

"Bhí sé sin in ainm's a bheith sa sluagh-sidhe, diúltaigheamuide dhó!"

"Tá oileán in ainm's a bheith faoi dhraoidheacht sa gcuan sin amuigh, agus bíonn sé nochtuighthe in éadan 'chaon seachtmhadh bliadhain."

"Bhí sé in ainm's a bheith in a fhiannóir mhaith, ach sílim gurb é fhéin a chumadh leath na scéalta a bhí aige" (féach "fiannóir").

"Tá sé in ainm's a bheith beo in Ameriocá fós, ach níor fritheadh scéal ná scuan uaidh leis a' tsíorruidheacht."

"Tá na 'Gaedhilgeoirí' sin in ainm's Gaedhilge a bheith aca(b) ach dheamhan thumanta smid a thuigfinn uatha(b), dhá mbeidís a' cainnt go maidin."

"Tá sí in ainm's Béarla a bheith aice, ach sin é'n Béarla a chodail amuigh."

Seán: a' raibh tú ag obair indiu a Phádraig.

Pádraig: in ainm's a bheith (i.e. ní mórán a leag mé orm fhéin)

"Tá siad in ainm's Béarla a mhúnadh do na gasúir, ach is dona uatha(b)."

"Bhí muid in ainm's dhá scilling 'íoc, ach ó thárla nar cuireadh
aon-tréas orainn fúthab, níor bhac muid leo(b)."
"Tá sé in ainm's a bheith réidh glan amach in a dhochtúr imbliadhna,
ach sílim dheamhan mórán dindiúirí a fuair sé fós."
= badh cheart dó a bheith críochnuighthe ina dhochtúr imbliadhna,
ach sílim nar eirigh mórán cáilidheachta dochtúra leis
fós.

"Ní hé ainm a bhaint de'n bhairghín é, sneadhachán
a thabhairt air sin." = sneádhachán a' t-ainm ceart air,
arae is sneadhachán ar chuile chaoi é.
"Ní hé ainm a bhaint de'n bhairghín é, gaduidhe a
thabhairt airsin." = is gaduidhe ó Dhia a's ó'n saoghal
é.
"Is tú nar bhain 'ainm de'n bhairghín nuair a thug tú an
t-ainm sin air."
"Ní a' baint ainm de'n bhairghín é, scearachán a ghlaodhach air
chor a' bith."

Ainmeamhail = fuileamhail; an braon mór, nó'n braon ar foghnamh a bheith induine; ainm cliúiteamhail; foluidheacht a bheith induine.

"Duine an-ainmeamhail é" = tá'n braon ar foghnamh ann; tá'n fhuil mhór ann.

"Is ainmeamhail a' dream sa tír iad sin." = is mór igceist sa tír iad

"Is cine ainmneamhail iad Clann Dhonnchadha" = tá foluidheacht i gCloinn Dhonnchadha

Aindeoin [foghar = inniúin] = de'n bhuidheachas; in aghaidh tolach; in aghaidh cos; as cosa idtaca.

"Caithfe tú 'dhul chuig an scoil de do dheoin (dhiúin) nó do t'aindeoin" = caithfe tú a dhul chuig a' scoil má's olc maith leat é; mara bhfuil tú sásta a dhul ann, cuirfear ann thú de'n bhuidheachas."

"Déanfa mé é dhá ndeoin nó dhá n-aindeoin." = déanfa mé é má's olc maith leo(b) é.

"Tiocfa mise an casán sin dhá dheoin nó dhá aindeoin."

"Chuala mé gur dhubhairt a h-athair léithe go gcaithfeadh sí é a phósadh dhá deoin nó dhá h-aindeoin."

"Siubhailfe mise an bóthar sin dhá ndeoin nó dhá n-aindeoin."

"Dhá mhéid treampáin dhá gcuirfe siad ormsa, ní bhacfa sin mé gan a dhul 'na chladaigh, dhá ndeoin nó dhá n-aindeoin."

"Is beag, beag dhá fhonn a bhí air, fuireacht ann dhá dheoin nó dhá aindeoin."

"Caithfe sé obair a dhéanamh anois, dhá dheoin nó dhá aindeoin."

"Dubhairt sé go gcuirfeadh sé amach an claidhe de mo dheoin nó de m'aindeoin."

"Mara dteighe sé ann dhá dheoin, tiocfa sé ann dhá aindeoin" = mara bhfuil sé sásta a dhul ann, cuirfidhear ann de'n bhuidheachas é."

"Mara dtuga tú airgead domsa de do dheoin, tiubharfa tú dhom é de t'aindeoin."

"Mara leige siad isteach muide dhá ndeoin, feicfe tú féin air, go leigfe siad isteach dhá n-aindeoin muid."

"Mara bhfagha muid obair dhá dheoin, gheobhfa muid dhá aindeoin í."

"Mara dtuga sé aon-tsásamh dhomsa dhá dheoin, tiubharfa sé dhá aindeoin dhom é."

"Dhá aindeoin a dhéanfas an cuaille sin tada."

"Dhá h-aindeoin críochnuighthe a cuireadh ann í."

"Níl sástuigheacht a' bith orra(b) a dhul chuig an scoil, marach go gcuirtear ann de lom dearg a n-aindeona iad"

"Má chaithtear iad a chur na scoile mar sin dhá n-aindeoin,

is beag a bhíonns de bharr na scoile aca(b)"

"De'm aindeoin críochnuighthe a shiubhail mé troigh de'n bhóthar leis" = in aghaidh mo tholach

"Dhá aindeoin fhéin, agus d'aindeoin a raibh ann, a thóig na póilíos é" = de'n bhuidheachas nó in aghaidh a chos a thóigeadar é; ní raibh sé sásta a dhul leo.

"D'aindeoin dlighe na cléire pósfaidhear sinn le chéile." (líne as sean-amhrán.)

"Thóigfeadh sé siúd bradáin d'aindeoin a raibh de dlighe ariamh ann."

"Déantar poitín d'aindeoin na bpóilíos."

"Bíonn siad a' leaduidheacht dhá aindeoin."

"Déanfa mé cúis mhaith le congnamh Dé dhá n-aindeoin (dhá aindeoin, dhá h-aindeoin etc)" = déanfa mé gna(ithe) maith dhá mbuideachas déanfa mé gna(ithe) maith dhá mhéid treampán dhá gcuirfe siad orm.

"Chuir sé an banbh orm de m'aindeoin." = de mo bhuidheachas.

"Buaileadh thall air í dhá aindeoin" = fear a gcuirfí faoi deara dhó bean a phósadh.

"Chuir sé an fuisce poitín orm de m'aindeoin" = "bhí sé dhá thoghaint orm, go mb'éigean dom é 'ól."

"Dhá h-aindeoin fhéin a phós sí é sin."

"Is le n-aindeoin a dhéanfas sé punta oibre." = dhá aindeoin

"Badh le m'aindeoin a' d'ól mé é"

"Déarfainn an méid sin d'aindeoin a' tsaoghail" = de bhuidheachas do'n tsaoghal.

"Má fhághann sé é, is de m'aindeoin-sa é."

"Cinnfe sé anois air, aindeoin (d'aindeoin) a dhithchill" = déanadh sé a shean-dithcheall anois, agus cinnfe sé air in a dhiaidh sin.

"Gheobha mé an posta anois d'aindeoin a ndithchill."

"Tá sé 'dul rithte liom é 'fhuascailt aindeoin mo dhithchill"

"Tá sé liom anois ar sheol na braiche de bhuidheachas dhá aindeoin" = d'fhéach sé le mé 'chur as mo bhuille, ach chinn air, arae tá sruth agus gaoth liom anois.

"Is de bhuidheachas dhá aindeoin a d'eirigh an oiread sin fhéin liom."

Aindeoin = (ii) cé, gidh; "ina dhiaidh", tar éis.

"Aindeoin (d'aindeoin) a raibh de scramairí aca(b) ann, ní thiocfadh aon-duine aca(b) ar a' bportach, ach a' comórtas le na n-athair" = tar éis a raibh de rístí sa teach, leigeadar a' n-athair 'na portaigh.

"Aindeoin a bhfuil d'uisce sa tír, ní bheidh éadan glan aice."

"Is olc í a theine, aindeoin a bhfuil d'airgead aige." = tar éis

"Is dona atá a chuid ag dul dó, aindeoin a n-itheann sé."

"Is tréigthe an chulaith éadaigh atá air, aindeoin a bhfuil sé ' shaothrú."

"Tá sé ina shean-léim aríst, aindeoin an ruaig thinnis a bhí air."

"Bhí pian ghártha orm, agus aindeoin sin, (i.e tharéis sin) ní dhearna mé a dhath éagcaoine."

"Aindeoin a slighe, níl mórán airgid thirm aca(b)."

"Bhí sé go h-olc, agus aindeoin sin, ba fiuntach a' duine é" = in a dhiaidh sin.

"Tá an oidhche a' roilleadh agus aindeoin sin, níl sé fuar."

"Aindeoin gurb é a bhuail mé, níl a' chloch sa muinchille agam dó, mar tá do'n chuid eile" = níl aon-fhaltanas istigh agam dó, mar atá do'n chuid eile, cé gurab é a bhuail mé.

"Aindeoin go bhfuil sé an-bhéalráideach, níl aon-dochar ann."

"Aindeoin go mbadh taghdach an duine é, b'fhurasta ceart a bhaint dhe."

"Is maith an mhaise dhó fhós é, aindeoin chomh sean a's tá sé." = tá sé 'breathnú go maith, lúth láidir fós, cé go bhfuil aois chothrom aige.

"Aindeoin a liachtaighe uair a's mhasluigh sí mé le bliadhain, ní fhéadfainn gan seasamh istigh aici, agus an t-anshógh uirre."

"Aindeoin an fhads chaith sí i Meriocá, níl canamhaint a' bith uirre."

"Tá siad in aon-mhuínntir amháin aríst, aindeoin a ghoirdeacht ó shoin a's bhí siad in adhar a chocaill aigeán a chéile" = "tá siad mór le chéile aríst, cé gur gearr ó bhí siad, a' sceannadh a chéile."

"Is deacair iad a cheannacht ó'n a chéile anois, aindeoin chomh muínntreach ag a chéile a's tá siad." = tá siad in árráchaí a chéile anois, cé go bhfuil siad gar ingaol.

"Féachfa sé siúd na h-asnachaí aige, aindeoin a' cháil atá air."

Aindeoin sin a's uiliug = aindeoin sin a's uile = in a dhiaidh sin a's uile.

"Tá siad ina dhá gcuid déag le chéile; agus aindeoin sin a's uiliug, bíonn ceann aca(b) a' coireamhaint ar a' gceann eile."

"Shílfeá nach leághfadh a' t-ím ina béal; agus aindeoin sin a's uiliug sí tá deas ar phait de bhréag a ínnseacht."

"Talamh stalctha é, agus aindeoin sin a's uiliug, tá'n tabhairt ann" [féach stalctha, tabhairt]

"Níl lán glaice innte, agus aindeoin sin a's uiliug, 'sí 'tá beo, friochanta."

"Níl toirt a' bith sa méid a fuair sé, agus aindeoin sin a's uilig, ba daor a' spóilín é."

"'Sé bhí ina thlús-scéil leis ceart go leor; agus aindeoin sin a's uiliug, ní fhéadfá tada a thógáil air."

"Rampaire mór géagach é, agus aindeoin sin a's uiliug, níl siorruidheacht a' bith ann" = tá toirt a's téagar ann, ach níl seasamh, ná cruadhchan a' bith in aghaidh na h-anachain ann.

Ainnle ainm a tugtar ar ghasúr a bhíos idóláimh a' gol a's a' fuasaoid;
amhlóir; cantalóir; páiste cantalach, drisíneach.

"Is tú an ainnle bhradach!" déarfadh máthair le
páiste a bheadh a' caoineadh é.
"Níl de leithide d'ainnle sa bparáiste."
"A ainnle bhrada(igh), nach mór a' t-iongnadh nach
dtiocfadh iabh ar do bhéal uair eicín!"

ainriocht = in an-chaoi críochnuighthe, amhgar, idteannta, feidheartha

[féach foclóir an duinnínigh] [Is measa go mór a bheith in ainriocht

ná in an-chaoi] — foghar an-riocht r leathan.

"Tá na dílleachtaidhthe bochta sin in ainriocht anois" = níl

duine ná deoruidhe acu le fátall a dhéanamh dóibh.

"Ní raibh sé in ainriocht ariamh gur cailleadh a' capall air."

"Tá daoine bochta in ainriocht ar a' saoghal seo, cheal saothrú."

[focal coitcheannta ainriocht i gCois Fhairrge agus i gConamara]

Ainsiléad ain-siléad = meadh; gléas le olainn a mheadhchan. Tá crúca air le breith ar an máilín. Mheadhfadh sé suas go dtí fiche punt.
[Iolraidh: ainsiléadachaí. Geineamhnach — crúca an ainsiléid. An t-ainsiléad]

"Chuir tú an iomarca meádhchain ar an ainsiléad agus tá sé sníomhtha anois."
"Ní mheadhfa an t-ainsiléad seo thar chúig phunta déag."
"Tá'n t-ainsiléad sin ó mhaith, in áit ar chuir sé meadhchan thar acmhúinn air."

áirc = an bád a ndeacha Noa agus a mhuinntear innte, nuair a bhí an díle ag dul thar an domhan.

Tuaghdóireacht na h-Áirce = an-toirnéis; an-fhorrú saoirsinne; an-bhail dhá chur ar fhoirgneamh, nó ar obair saoirsinne.

"Tá tuaghdóireacht na h-Áirce ar a' bhfear seo thoir" = mar dhoigh de go raibh an oiread forrú air, agus an oiread saoirsinne le déanamh aige a's dá mbeadh sé in éadan na h-Áirce.

"Tá tuaghdóireacht na h-Áirce fáighte ag an scioból sin, ó thosuigh sé air."

"B'fhiú dhuit é fheiceál thoir in éadan an adhmaid, agus é tabhairt tuaghdóireacht na h-Áirce dhó."

"Má mhaireann dó, tiubharfa sé tuaghdóireacht na h-Áirce do'n teach."

"Tá tuaghdóireacht na h-Áirce faighte ag an bhfailín sin le seachtmhain."

"Bí cainnt ar thoirnéis, ach 's aige atá tuaghdóireacht na h-Áirce ar siubhal."

"Níl aon-tsamhail le tabhairt dó, ach tuaghdóireacht na h-Áirce."

"Ní chuirfeadh tuaghdóireacht na h-Áirce, aon-slacht ar a' teach céadna."

"Beidh sé an fhad leis a's bhíodhadh (= bhíothas) a' déanamh na h-Áirce."

"Bheadh an Áirc déanta agad ó thosuigh sé, agus dheamhan cosomhlacht tús na deire fós air."

"Is saor maith é, ach caitheann sé an fhad le 'chuile shórt a's caitheadh leis an Áirc."

"Ní raibh a leath-oiread toirnéise leis an Áirc a's tá leis a' gclaidhe sin ó thosuigh sé air."

"Tá'n oiread saoirsinne air a's 'bhí ar an Áirc" (ar theach etc).

"Ní bheidh sé sásta go mbí saoirsinn na h-Áirce aige air."

Teachtaire an fhiadha ó'n airc = teachtaire nach dtiocfadh ar ais le na scéal fhéin ná le scéal aon-duine eile = teachtaire nach dtiocfa ar ais chor a' bith (deirtear nuair a rinne an díle

claochmú, gur chuir Noa amach an fiach, fhé'int a raibh
an tuile traoithte nó'n talamh tirm. Nuair a fuair an
fiach amuigh é fhéin, d'fhan sé imbun an chonúis
agus níor thaobhuigh sé an Áirc níos mó. Sin é an t-ughdar
atá le "teachtaire an fhiach ó'n Áirc."]
"Sin é teachtaire an fhiadha ó'n Áirc" = níor tháinic sé ar ais
le na scéal fhéin ná scéal aon duine eile.
"'Sé teachtaire an fhiadha ó'n Áirc é sin, a chur in áit
ar bith."
"D'fhan sé in a theachtaire an fhiadha ó'n Áirc, a' seanchus
nó ag ithe, agus níor chuimhnigh sé chor a' bith ar a' té 'bhí
fanacht leis."
"Badh é an dá mhara 'chéile dhuit a bheith fanacht le teachtaire
an fhiadha ó'n Áirc le bheith a' fanacht leis siúd, arae, ní
thiocfa sé ar ais, le na scéal fhéin ná scéal aon-
duine eile."
"Badh chóra dhuit teachtaire umhal éasca eicínt a fhaghail
fharrus teachtaire an fhiadha ó'n Áirc, mar é sin."
"Má tá duine le dhul ar theachtaireacht — ní thusa é a theachtaire
an fhiadha ó'n Áirc."
"Tá dlúthas leis a' teachtaireacht seo, agus ní teachtaire an fhiadha ó'n
áirc, a chuirfeas mé dhá déanamh."
"Chuir mé igcoinne Mháire é, tá dhá uair ó shoin, ach sin
é fhéin, teachtaire an fhiadha ó'n áirc."
"Theastuigh tuairisc uaim, cé'n bhail a bhí ar Bhrighid ó mhaidin, agus
chuir mé an ceann seo síos, le contráth na h-oidhche, ach sin
é fhéin teachtaire an fhiadha ó'n áirc. Dheamhan a chos ná a
chnáimh, a tháinic ó shoin."
"Beidh tú annseo go maidin, má fhanann tú le teachtaire an fhiadha ó'n
áirc."

Áird: (i) taobh, bealach. (ii) suim, tóir, spéis, aire, géilleamhaint, éisteacht.

(i) níl seo sa gcainnt anois, ach i rannta, agus i gcorr-sean-leagan.

"'Ceist agam ort a mhic Uí Mháille, a's fuascail í go luath

Cé mhéad galún sáile, a theighea(nn)s le fána na h-Easa Rua(idhe)'"

Freagra: "'Is deacair í thomhais 'na cárta, mar tá sí luaimneach

luath

Ach a' méid nach dteigheann san áibh dhi, teigheann sé an t-áird

ó thuaidh'" (nó an áird ó thuaidh)

[ceist a chuir taidhbhse ar dhuine a bhí 'g (d)ul thar dhroichead

san oidhche. Marach chomh h-abartha a's d'fhreagair mo dhuine é,

bhí sé le na mharbhú

Áibh = áibhéis = poll duibheacáin]

"Lá 'sna naoi n-áird a chorruigheann sé amach" = "lá sé nó

seachráin" = "corr-lá" = "lá sa gcéad"

"Lá 'sna naoi n-áird, a theighim ag iascach ar a' saoghal seo."

"Uair 'sna naoi n-áird a thag(ann)s sé ar cuairt anois."

"Ní ólann sé aon-deoir, ach uair 'sna naoi n-áird, a's

tá 'shliocht air, 'sé atá dearg círíneach."

"Uair 'sna naoi n-áird a theighea(nn)s sé (ch)uig an Aifreann, ó bhí an ruaig

thinnis údaidh air."

"Go deimhin is uair 'sna naoi n-áird a thaobhuigheann siad í anois, ó

cuireadh a' t-athair."

"Is annamh a bhío(nn)s aon-phlé aige le poitín anois, ó'n am sin a rugthas

air — uair 'sna naoi n-áird."

"Uair 'sna naoi n-áird a theighea(nn)s sé in a ghoire ná in a ghaobhar anois.

Mhúin a' saoghal é."

"Mara mbeadh uair 'sna naoi n-áird ann, anois, ní fheicfeá imbealach

na ndearmad é. Tá sé 'cothú na h-áite istigh go maith."

"Cé's moite d'uair 'sna naoi n-áird anois, ní thaobhuigheann sé

damh(n)sa 'bith."

"Lá 'sna naoi n-áird anois, a theigheas sé (ch)uig a' scoil."

"M'anam a dhearbhráthair mo chroidhe, gur uair 'sna naoi n-áird, 'ólfas

mise aon-deor, ná gheobhfas mé an dóigh aon deoir ól."

(ii) [áirde, an foghar go h-iondamhail ach le "fuair" — áird]

"Ná tabhair aon-áirde air sin" = "ná géill dó; sa méid adéarfa sé, nó in aon-chomhairle dhá gcuirfe sé ort" = ná cuir aon-tsuim ann.

"Dheamhan a dhath áirde thug mise air."

"Dheamhan lá áirde aca(b) siúd ar shagart ná ar bhráthair."

"Bhí sé 'cur dhe, ach fuair sé áird go deimhin" = níor tugadh aon-ghéilleamhaint dó, ná aon-éisteacht."

"Ní bhfaighe tú a dhath áirde uaidh siúd."

"Dheamhan áirde ná cuid d'áirde aige siúd air a ghna(ithe)."

"Is mairg a thiubharfadh áird ar ghasúir."

"Baoghal ar siúd aon-áirde a thabhairt ar aon-duine, ach ropadh leis a' gceird sin, chomh uain's 'bheidheas aon-phighinn aige."

"Níor tugadh aon-áird' orm thairis sin" = níor tugadh mórán áirde orm.

"Dhá mbeadh áirde ar do ghna(ithe) aghad, ní ag imtheacht a' bóithreoireacht ar a' gcaoi sin a bheitheá."

"Ní raibh aon-áird' ar a theach ariamh ag a' gceann sin, agus tá 'shliocht air anois, is gearr a bheidheas aon-theach aige."

"Ba chóra dhuit áird' a bheith agad, ar do chuid leabhar, ná 'bheith 'géilleamhaint do scaibhtéaraí atá ag iarra(idh) thú 'chuir imbealach do bhasctha."

"Thug mise fútha(b) go bínn, ach badh é an cás céadna dhom é le 'bheith 'mo chomhnuidhe, scáth a bhfuair mé d'áird" (scáth ar tugadh d'áird orm; scáth an áird a tugadh orm).

"Ní fhaca mé aon-chailín óg ariamh, atá 'luighead áirde ar do ghna(ithe) leat."

"Beidh siad gan áird in a cleitheamhnas sin" = má fhágtar fúithe sin iad, ní tiubharfa sí mórán aire dóib."

"Tá mé gan áird, i gcleitheamhnas a bhfuil sa teach seo" = ní tiubharfa aon-duine dhá bhfuil sa teach seo aon-aire ná aon-iongabháil dom.

"Tá sé caithte annsin gan áird a' bith le leath-bhliadhain" = níl duine 'bith 'breathnú in a dhiaidh.

"Tá'n laogh sa ngarraidhe sin thíos, gan áirde 'bith le seachtmhain."

"Níl aire ná áird agaibh ar luach leithpighne, mara mbí mé fhéin istigh le freastal do chuile shórt." = níl aon áirde agaibh ó dhia anuas ar thada etc.

"Cá'il an áird aca(b) air" = "cé'n áird atá aca(b) air?"

"Ná bac leo(b) sin, áird a thabhairt ar thada, ach ar chártaí a's ar chuartuidheacht."

"D'uireasba áird ar a ghna(ithe) (ar a cheann-posta etc) a d'fhága go dona é."

"Iomarca áird ar an ól, a d'fhága a' caith(eamh) na miotán é."

"Má thugann tusa áirde ar bhréaga agus ar chumadóireacht, cuirfe siad thar bharr do chéille thú."

"Tugann tú an iomarca áirde uiliog, ar chomhráidhtí daoine nach bhfuil ar mhaith leat."

"Tá a dhá dhíol áirde uiliog, dhá fhaghail ag a' gceann céadna ó dhaoine."

"Tabhair thusa áirde ar nathuigheadóirí Sh. Mh. a's beidh leat!"

"Níor thug mé a dhath áirde ariamh (= áird ar bith) ar a chuid gaothtaireacht', ach an oiread a's dá gcoinnigheadh sé a bhéal ar a chéile."

"Níl mé 'thabhairt d'áird ort, ach an oiread is thiubhrainn ar cheol ladhráin trághadh" (ar dhreolán teasbaigh)

"Is suarach an áird atá aige orm — is suarach sin."

"Níl áirde aige ar dhia ná ar Mhuire, ar aifreann ná ar ord."

"Má thugann tú áirde air an ógánach sin, ní thiubharfa tú áirde ar do leas."

"Ní ar a ghna(ithe) bheadh áird 'ai{ge} leath chomh maith."

Áirde = aoirde, thuas, in uachtar. (go h-iondamhail indiaidh "in")

"Tá an capall 'sna cosa in áirde" = ag rith ("galloping")
"Chuaidh sé síos a' bóithrín 'sna cosa in áirde."
"Bhain sí amach 'sna cosa in áirde" = ní móide go raibh aice ach sodar roimhe sin."
"Chuaidh sé soir 'sna glan-chosa in áirde" = a' rith go maith 'sna cosa in áirde.
"Cuir 'sna cosa in áirde í" = "bain amach 'sna cosa in áirde í."
"Ba mhaith liom 'fheiceál, cé'n t-imtheacht atá fúithe 'sna cosa in áirde."
"D'imthigh léithe de ghlan-chosa in áirde."
"Bhí cosa in áirde faoi" = "bhí sé a' rith 'sna cosa in áirde.
"Bhí a chosa in áirde aige" = crochta suas nó sínte 'san aer.
"Tá sé thuas in áirde" = in uachtar, thuas sa staighre.
"Bhí sé caithte in áirde ar a' mboimbéal" = caithte suas.
"Tá sé thuas in áirde ar a' simléar."
"Tá sé in áirde ar a' teach a' tuighdeoireacht."
"Gabh suas in áirde staighre go bhfeice tú 'bhfuightheá beargún liom."
"Teirigh in áirde ar a' lota, 'bhfeicfeá 'bhfuightheá fearsad a' túirne ann."
"Tá sé in áirde ar a' gcruaich"
"Is fada in áirde a chuaidh tú." "Croch suas in áirde ar a' gcragadán na stocaí sin" = [féach cragadán]
"Féacha 'bhfuil thuas in áirde ar bharr a' drisiúir."

"Chuaidh sé in áirde ar a' gcapall" = ar marcuigheacht; i gcois dá leith
"Suas leis in áirde ar a' gcruaich (ar a' rothar etc).

"Tá'n teach ina bhéal in áirde" = bun as toll; 'chuile shórt caithte abhfus a's tall; nó fágtha oscluighthe, a's gan aon-duine in a chíonn.
"Ná fág a' teach béal in áirde mar sin feasta."
"Nuair a tháinic mé abhaile, bhí 'chuile shórt béal in áirde ag na páistí."

"Ba chóra dhaoib na beárnaidheachaí 'árdú, a's gan an áit fhágáil uiliog béal in áirde mar d'fhága sib é."

"Níl luach leithphighne faoi chaolach a' tighe seo, nach bhfuil béal in áirde má eirighimse amach 'chor a' bith."

"Tá a chuid féir uiliog in a bhéal in áirde" = tá cead ag beithidhigh a dhul isteach ann, a's é 'scaipeadh; a's taltú air etc.

"Seachain a' bhfágfa tada annseo béal in áirde ag imtheacht duit" = fainic nach gcuirfeá 'chuile shórt in 'áit fhéin.

"Ní caoi a' bith é sin — teach a fhágáil béal in áirde ag a' tír."

"Corr-bhean a d'fhágfadh a teach béal in áirde mar sin, a's gan fhios aice, cé thiocfadh isteach a's í imthighthe."

"Ná caith an muigín sin béal in áirde anois" = ná leag é.

"D'fhága sé a 'bhicycle' ina bhéal in áirde taobh amuigh, a's a fhusacht dhá rogha duine é 'árdú leis" = d'fhága sé go sleamchúiseach taobh amuigh é, agus d'fhéadfadh duine 'bith é thabhairt leis go réidh.

"Bhí an scioból in a bhéal in áirde ar maidin, a's an buta coirce scuabtha."

Tharr in áirde = béal in áirde: (Achréidh)

"Tá'n teach in a tharr in áirde agaibh."

"Tá sé in am an obair sin a chaith(eamh) in áirde feasta" = a chaitheamh in aer; de leithrigh; eirghe aisti.

"Tá'n damh(n)sa caithte in áirde anois, ó tháinic a' dlighe nuadh seo amach."

"Is fada an lá na cleiseannaí caithte in áirde."

"Tá sé in am an chuartaidheacht a chaith(eamh) in áirde feasta, a's an tráth de bhliadhain atá ann."

"Bhí sé thar am an cheird chéadna a chaith(eamh) in áirde."

"Chaith sé an t-ól in áirde ar fad" = d'eirigh sé as.

"Caitheadh a' t-ól in áirde ag sochraideachaí annseo, tá cupla bliadhain ó shoin."

"Chaith sé an sipín in áirde, a's tá sé ar a shláinte anois" = tá sé saothrú anois arae d'eirigh sé a's a' siopa, ar fad.

"Caitheadh na bréaga in áirde ó shoin. Fuair siad a gcomhairleachan an uair sin."

"Caithfe tú an bhóithreoireacht a chaith(eamh) in áirde, má's leat aire 'thabhairt do do ghna(ithe)."

"Ní mór dhuit an mhocóireacht a chaith(eamh) in áirde, má tá suim a' bith in do shlainte agad."

"Is fadó an lá a chuir mé comhairle air, an báire a chaith(eamh) in áirde, ach ba bheag a' mhaith dhom é, b'fhéidir go gcomhairleochadh an iarraidh sin anois é."

"Tá sé in am agad do chuid púicín a chaith(eamh) in áirde — do mhac samhail de bhuachaill óg."

"Tá'n ealadhain caithte in áirde aige le scathamh."

"Caith do chuid aerighle in áirde, agus tabhairt aire de do ghna(ithe)."

"Tá air aige, an t-ól a chaith(eamh) in áirde anois, agus é 'bualadh faoi'n saoghal" (a' pósadh)."

"Eirghe in áirde" = siamsa, damhsa, raic, cuideachta, páistí a' déanamh grínn, leithead, bród (is rí-annamh an chiall, leithead ná bród leis sa ruta seo).

"Leig de do chuid eirghe in áirde anois, nó tiubhra mise luach do chuid eirghe in áirde dhuit feicfe tú fhéin."

"Cé'n sórt eirghe in áirde sin orraí(b)

"Ní chloisfeá méir i gcluais ag gasúir ag eirghe in áirde"

"Tá an teach in a rachlas, chuile oidhche sa mbliadhain, ag daoine ag eirigh in áirde ann."

"Nach ort atá an bheith, go gcaithfe tú 'bheith ag eirghe in áirde i gcomhnuidhe."

"Is diabhaltaidhe an fhonn eirghe in áirde atá ort i gcomhnuidhe."

"Ghortuigh sé a chois le eirghe in áirde."

"Cuirfe mise ó eirghe in áirde thú, feadh's mé slat a fhaghail."

"Ní stopfadh an saoghal ó eirghe in áirde, a's ó ámhuilleacht é."

"Mara leige tú de do chuid eirghe in áirde, beidh scéal agad air."

"'Sí an eirghe in áirde, a's an imtheacht a thug slaghdán dó."

"Tá'n méid sin agad anois de bharr do chuid eirghe in áirde."

"Má tá fonn eirghe in áirde oraí(bh), caithfe sib a dhul in áit eicínt eile, fharrus a' teach seo le na dhéanamh."

"Is diabhlaidhe an lán eirghe in áirde 'dhéana(nn)s tú 'chuile Dhomhnach."

"Sí'n eirghe in áirde chéadna í Domhnach a's dálach chomh maith le chéile aige sin."

"Nach hé 'tá tugtha do'n eirghe in áirde i gcomhnuidhe."

"Níl suaimhneas a' bith le faghail in aice páistí. Bíonn siad i gcomhnuidhe ag eirghe in áirde."

"Nach sib atá thart anois, gan eirghe in áirde."

"Ní bhfuighe sib aon-chead eirghe in áirde annseo. Teigidh amach faoi na cnocáin má's breagh lib é."

"Ná feicimse ar an eirghe in áirde sin níos mó thú, má tá do leas ar dhia."

"Reicfidís istigh sa teach thú, le neart eirghe in áirde."

"Aerighil a's eirghe in áirde atá ghá mharbhú" = níl tada eile 'cur síos leis ach sin.

"Is mairg dhuit nach gcaitheann in aer do chuid eirghe in áirde, agus a dhul amach in éadan do ghnaithe."

"Tá eirigh in áirde orra(b) anois, ó d'eirigh an t-udhachta leo(b)" = leithead, bród.

"Bhí an t-eirigh in áirde sin ina muinntir ariamh" = leithead, bród.

áirdeall, áirdeallach

áirdeall = aireachas, faire, amharc

"Bí 'san áirdeall air" = fair é. "Bí 'san áirdeall ar na beithidhigh le faitchios go dtiocfaidís sa gcoirce." "Ní mór dhuit a bheith 'san áirdeall ar a' gcáca sin, faitchíos a ndóigh(f)í é."

"Bí san áirdeall ort fhéin annsin, arae tá an áit an-achrannach."

= tabhair aire dhuit féin ann; fair thú fhéin.

"Is mór nach maith dhuit a bheith 'san áirdeall ort fhéin, a' siubhal sa dúirling."

"Ní raibh sé sáthach maith 'san áirdeall air fhéin, agus sciorr sé ar na leacrachaí bradacha údan."

"Mara mbí tú go maith 'san áirdeall air, goidfe sé 'bhfuil agad."

"Is maith an dícheall dhom a bheith 'san áirdeall ar na cearca sin i gcomhnuidhe, le faitchíos go gcartfaidís a' coirce."

"Níl áirdeall a' bith ionnaí(b); leig sib de'n cháca dóghadh, scáth an t-achar a bhí mé amuigh" = grinneas, faire, aireachas.

"Níl aon-mhaith dhuit í sin a chur a' fosuidheacht, mar níl aon-áirdeall innte."

"Dhá mbeadh áirdeall ionnad, ní leigfeá na beithidhigh isteach 'san iothlainn as comhair do dhá shúl."

"Is beag an áirdeall thú, a thighearna Dia!"

"Nach beag an áirdeall sib, a's na muca a dhul amach a's a' bhfail ingan-fhios daoib."

"Is beag an áirdeall ar fheamuinn ná ar thada eile iad sin."

"Déan áirdeall ar na bainbh, a's ná leig de'n chráin iad ionnsuighe."

"Is fearr dhuit áirdeall a dheanamh ar a' mbó anocht, mar tá a h-am caithte."

"Is beag a' scéal é, nach ndearna áirdeall orra(b) nuair a bhí siad aige."

"Is deacair áirdeall a dhéanamh ar chuile shórt, nuair atá tú taobh leat fhéin."

"Chaith mé an lá 'san áirdeall, a's d'éaluigh sé uaim in a dheidh sin."

"Nach mór a' t-iongnadh nach ndéanfá áirdeall ar na beithidhigh

a's gan an garruidhe féir sin thiar a bheith ó mhaith na bliadhna aca(b)."

"Tá an iomarca de'n ealadhain istigh 'na cheann, le áirdeall a dhéanamh ar thada."

"Bí ar t'áirdeall féin anocht, mar tá sé bruithte ar bhainne ag a' dream seo thiar dhuit." = fainic thú féin.

"Ní mór dhuit a bheith ar t'áirdeall fhéin orra(b) sin, mar tá'n chloch sa muinchille aca(b) dhuit, agus do chuile fhear eile as do ruta."

"Fainic nach mbeitheá ar t'áirdeall fhéin ar a' gcapall, ar fhaitchíos na timpiste."

"Má ghlacann tú mo chomhairle-sa, beidh tú ar t'áirdeall fhéin ar a' 'mbicycle' sin, mar tá sé tugtha uaidh ar fad."

"Tá siad ag imtheacht leo(b) gan áirdeall a' bith" = gan aonduine 'san áirdeall orra.

"Níl áirdeall agaibh ar thada. Níor mhiste lib, dhá n-imthigheadh a bhfuil istigh a's amuigh againn."

"Ní mór dhuit a bheith ar an áirdeall, faitchíos a dtiocfaidís ingan-fhios."

"Tá sí ar an áirdeall anois."

"Cuir ar an áirdeall í" = tabhairt fuagra di nach mór di, 'bheith ar a h-aireachas féin.

"Chuir mise ar a h-áirdeall fhéin í."

"Tá sé ar áirdeall fhéin go maith, agus ní mór dhó."

"Nuair a chuir mise ar 'áirdeall féin é, meas maga 'bhí aige orm."

"Cuir pearbhúl air bheith ar 'áirdeall fhéin go maith ar na póilíos."

"Chaith mé an lá 'san áirdeall a's níor tháinig aon-duine 'na dheidh sin."

"'Bhfuil tú ag áirdeall ar na beithidhigh cor a' bith."

"Ag áirdeall ormsa atá tú, 'leaba do ghna(ithe) a dhéanamh."

"Fuiri(gh) ag áirdeall air, anois, faitchíos a dtiubharfad sé aon-cheo leis."

"Chaith mé an mhaidin, ag áirdeall air."

"Ní mór do dhuine eicínt a dhul síos go garruidhe an chladaigh le áirdeall a dhéanamh ar na beithidhigh."

"Ní mórán buidheachais a bhí aige orm, th'éis mé 'chur ar an áirdeall."

Áirdeallach (aidiacht ó áirdeall).

"Tá sé an-áirdeallach" = faireach, aireach, áirdeall a bheith ann.

"Mada an-áirdeallach é timcheall tighe 'san oidhche." = an-aireach

"Ní mór dhuit a bheith áirdeallach thairis sin ar do ghna(ithe)."

"Dhá mbeadh sib sáthach áirdeallach, ní raibh aon-ghoir aige a theacht ingan-fhios oraí(bh)."

"Is maith áirdeallach nach mór duit a bheith, a' siubhal ar na leacrachaí sin."

"Ní raibh sé sáthach áirdeallach air fhéin an chéad uair, nó gur buaileadh síos aríst é" = aireach

"Ní bhíonn duine leath sáthach áirdeallach, nuair a bhío(nn)s a shláinte aige."

"Mada an-áirdeallach é. Ní chorrochadh míoltóg ingan-fhios dó 'san oidhche."

"Bí áirdeallach, faitchíos a n-ionnsóchadh sé thú ingan-fhios."

"Tá na "peelers" chomh h-áirdeallach anois, a's nach féidir a' síleadh a dhéanamh ingan fhios dóib."

"Dhá áirdeallaighe, dhá mbeidh tú, imreocha siad ort, cuirfe mise geall."

"Tá agad a bheith áirdeallach thairis sin, a's gur fánach an chaoi a mbéar(f)aidhe thall ort."

Áirdeamhail. Neamh-áirdeamhail. Níl áirdeamhail ann mar aidiacht ach tá neamh-áirdeamhail. Neamh-áirdeamhlacht corr uair.

Neamh-áirdeamhail = gan aon-áird a thabhairt; gan éisteacht; gan aon-tsuim a bheith agad 'san obair atá ar siubhal.

"Is neamh-áirdeamhail a' duine é" = duine nach dtugann aon-áird ort nó nach n-éisteann leat, nó nach ndeanann a' ghna(ithe).

"Ní fhaca mé ariamh aon-duine is neamh-áirdeamhla ar a' ghna(ithe) ná thú."

"Má bhíonn tú igcomhnuidhe chomh neamh-áirdeamhail sin ar do chuid oibre, is truagh dhuit amach annseo, nuair a chaithfeas tú 'dhul a' saothrú."

"Nach mór a' t-iongnadh go raibh tú chomh neamh-áirdeamhail sin ar na gasúir a's go dtug tú chead dóib, an t-arán ar fad a ghiotú ort."

"Má bhíonn sib chomh neamh-áirdeamhail sin ar a' móin, ní fhágfaidh-ear fód a' gabhail lib, nach ngoidfidhear uaib."

"Marach chomh neamh-áirdeamhail a's atá sé ar a' ghna(ithe) is oibridhe maith é."

"Nach neamh-áirdeamhail a' mhaise dhuit é" = shílfeá go n-éistfeá leis a' gcainnt, nó leis a' rud a bheadh duine a rádh.

"Chaith mé leath-uair a' ceartú dhó, ach bhí sé chomh neamh-áirdeamhail sin, a's go sílim, nar thill morán di in a cheann."

"Tuige nach n-éistfeá leis a' rud a bheadh duine ínnseacht duit, a's gan a bheith chomh neamh-áirdeamhail sin."

"Níl fhios aige focal de'n tseanmóir a bhí ag a' sagart indiu tá sé chomh neamh-áirdeamhail sin."

"Bhí sé cur dhe ar a dhicheall, ach dhá mbeadh fhios aige chomh neamh-áirdeamhail a's atá an dream a bhí ag éisteacht leis, bheadh sé in a chomhnuidhe."

"Ghlaoidh sé air, ach bhí an ceann eile chomh neamh-áirdeamhail 's nar chuala sé é."

"Ní fhaca mé aon-duine ariamh chomh neamh-áirdeamhail leis"

"Eirigh as do chuid neamh-áirdeamhlacht a's tabhair cluais domsa."

Aire = áirdeall, faire; iongabháil; cumhdach.

"Ní mór dhuit a bheith ar t'aire fhéin, ar fhaitchíos, go dtiocfadh sé ingan-fhios ort" = caithfe tú a bheith ar an áirdeall etc.

"Ní f'lár dom a bheith ar m'aire fhéin, faitchíos a mbuailfeadh a' capall mé" = ní mór dhom a bheith ar m'áirdeall nó ar m'aireachas fhéin, faitchíos a dtiubhradh a' capall cic dom.

"Is maith nach mór dhuit a bheith ar t'aire fhéin, faitchíos na h-anachain"

['Sna samplaí réamhráidhte "áirdeall" nó "aireachas" a bhíos ann go h-iondamhail]

"Ní mór dhuit aire mhaith a thabhairt duit fhéin ar na clocha" = caithfe tú a bheith 'san áirdeall ar na clocha, gan bualadh fútha, gan siubhal orra etc.

"Is beag an aire a thuga(nn)s sé dhó fhéin ar na driseachaí" =
ní fhéachann sé le iad a sheachaint, ná fanacht uatha.
"Tabhair aire mhaith dhuit féin ar a' gcapall" = fainic a' mbuailfeadh
an capall thú.
"Seachain nach dtiubhrá aire mhaith dhuit féin ar a' gcara [cora =
réidh-dhroichead] má tá tuile mhór san abhainn."
"Fainic Dia aithnighthear, nach dtiubhrá aire mhaith dhuit fhéin
ar a' bhfairrge, mar is fánach a' chaoi a dtuitfeá
amach le fána de charraig."
"Tabhair aire mhaith dhuit fhéin ar mhada Mháirtín Bhig
mar tá sé an droch-(mh)úinte" (olc)."
"Tá air agad, aire mhaith a thabhairt duit fhéin ar ghiorrán
Ned, mar tá sí an-oilbhéasach."
"Is fhearr dhuit aire mhaith a thabhairt duit fhéin, ar mhuínntir
íochtar a' bhaile ná bheith in aithmhéala arís."
"Ní f'lár dhíb aire mhaith a thabhairt dhíb fhéin ar
Pheaide, mar 'sé ubhall na h-aithne é."
"Mara dtuga sibh aire dhaoib fhéin, beidh scéal agaibh air" =
fainicighid an anachain nó an chontabhairt, nó beidh sibh in

aithmhéala.

"Is fearr dhaoib aire a thabhairt daoibh fhéin ar a' mbromaire sin thiar, nó dheamhan deoir a d'fhágadh sé ionnaibh" = marbhóchadh sé sibh etc.

"Níor deanadh leath an cheart leis: breagh nach dtug sé aire dhó fhéin" = tuige nar sheachain sé an chontabhairt; nar fhan sé as an tromfhásc; nar choinnigh sé a bhéal ar a chéile, agus gan ughdar achrainn a thabhairt d'aonduine etc.

"Níl a dhath truaighe agam dó agus a fhusacht a's bhí sé dhó aire a thabhairt dó fhéin."

"Ní díol truaighe a' bith é, nach dtug aire dhó fhéin, agus gan a dhul a' tosuighe 'cocaireacht leis an amhus sin."

"Tuille ghéar chascartha de'n d-l aige. Breagh nar thug sé aire dhó fhéin; maran fada isteach a thug a' chosa é!" (déarfaidhe le duine é, a thiocfadh idtromfhásc, i dteach bruighne, nó áit a mbeadh achrann ar siubhal.)

"An té nach dtiúbhra aire dhó fhéin, ní truaighe 'bith é, má íocann sé an tséilearacht" = má buailtear é etc.

(féach séiléaracht)

"Ba bheag an mhaith aithne a chuir air, aire a thabhairt dó fhéin, ach tá sé múinte ag a' saoghal anois."

"Múinfe an saoghal tú, aire a thabhairt duit féin" = nuair a bhuailfear sáthach minic idtroid nó imbruighin tú, ní bheidh tú chomh tugtha dhóib agus atá tú anois.

"Tá mo theanga caithte agam, a' rádh leis aire a thabhairt dó fhéin agus 'sé'n mhaith amháin dom é — níl a dhath áird 'aige orm.

"Dhá mbeadh breith ar aithmhéala aige anois, thiubhradh sé aire dhó fhéin ó thús." = d'fhanfadh sé amach as an anachain nó as a' gcontabhairt etc.

"Ní thiubhra sé aon-aire dhó fhéin, go bhfágtar éalang le na ló air."

"Níor thug sé aon-aire dhó fhéin ariamh, ach i gceartlár 'chuile throid."

"Tabhair aire dhuit fhéin" adéarfá le duine a bheadh a' cur uilc ort, nó a bheitheá ar tí ionnsuidhe, le chur i dtuiscint, mara n-eirigheadh sé as a gceird a bhí air, go dtiubhrá faoi, nó go mbuailfeá é."

"Tabhair aire dhuit fhéin anois, ar chraiceann do chluas."

Mara dtuga tú aire dhuit fhéin, agus gan níos mó ughdair a thabhairt domsa, leonfa (liúnfa adeirtear — Conamara] mé do chnámha."

"Tabhair aire mhaith dhuit fhéin anois, agus tóig t'aghaidh dhíomsa (bain aghaidh do bhéil dhíomsa) nó beidh scéal agad air" (beidh tú in aithmhéala, ní fearrde thú etc)

"Tabhair an-aire dhuit fhéin, anois, nach mbrisfinnse do phus (do smut)."

"Is mór an éisteacht atá agam leat. Mara dtuga tú aire dhuit féin anois, agus eirghe as, fágfa mé lorg mo láimhe ort."

"Níl a sheasamh a'm níos fuide. Tabhair rí-aire dhuit féin anois, nó leigfe mise do chuid fola leat" (fágfa mé in do chuid fola tú; fágfa mé séala ort, nach scarfa leat go luath; atfa mé an smut agad; cuirfe mé streille eile ort; beidh ceol thar phíobaireacht agad; leigfe mé smaois leat; cuirfe mé do chuid fiacla in do bholg; déanfa mé con(t)ra dhíot; cuirfe mé fuil do chroidhe ar do chac; cuirfe mé ceirín ort; cuirfe mé a' tóruigheacht luibheannaí thú; cuirfe mé cruadhóg dochtúra ort; cuirfe mé igcruth na h-ola tú; etc. etc)

"Is fearr dhuit aire a thabhairt duit féin, nó má bhaineann tú asam é, brughfa mé do cheithre cnámha ar a chéile" (má bhíonn tú a' cocaireacht agus a' baint achrainn asam, leónfa mé do chnámha.

"Ní maith liom cruadhóg dochtúra a chuir ort, ach mara dtuga tú aire dhuit fhéin, fharrus mar tá tú, caithfe mé 'dheanamh as a dheire."

"Tabhair aire dhuit fhéin anois, agus bíodh smideannaí beaga agad."

"Tabhair aire mhaith dhuit féin anois, nó tiubhra mé breitheamhnas báis ort le na mbuailfe mé ort."

"Coinnigh do bhéal ar a' chéile agus tabhair aire dhuit fhéin, nó cuirfe mé luighe fiadha ort."

"Tá'n t-ádh ort, mara dtuga tú aire dhuit fhéin, nó déanfa mé do lá" (déanfa mé aon-lá amháin dhíot; déanfa mé lá soir ort)

"Tabhair fíor-aire dhuit fhéin anois, nó cuirfe mise dhá ghob ort i leaba gob amháin."

"Mara dtuga sé aire dhó fhéin, agus leigean domsa, dhó fhéin is measa."

"Mara dtuga sé aire dhó fhéin, agus gan aon-araoid a chuir ormsa, tiubhra mise faoi na fabhraí [forraí adeirtear — Cois Fhairrge fabhraí — Iarthar Chonamara] dhó é."

"Nuair a chuirim fainic air aire a thabhairt dó fhéin agus eirghe as, sé'n chaoi neartuigheann sé ar a mhaidí" = "sé'n chaoi 'mbíonn a' borradh leis."

"Tugadh sé aire mhaith dó fhéin nó fágfa mise meacan a' chaointe (meacan a' ghuil) ann."

"Tabhair aire dhuit féin ar a' sagart" = tá sé geallta aige dhuit, agus fan as a bhealach agus ná cuir chuige ná uaidh.

"Tabhair aire dhuit fhéin ar a' bpóilidhe."

"Tabhair aire dhuit fhéin" (ar Dhia)" adéarfaí le duine a bheadh ag eascainidhe d'aon-cheird, nó a' frioth-mhaga faoi naomhthacht, faoi'n eaglais etc. Is ionann é agus "nar agruighidh Dia ort é."

"Tabhair aire dhuit fhéin, agus eirigh as na h-eascainí. Is iomdha fear maith ar baineadh leagan as."

"Tabhair aire dhuit fhéin, agus ná bac leis a' sagart."

"Tugadh sé aire dhó fhéin, agus b'fhéidir nach mór (dh)ó sin. Mara n-ágruighe Dia air é, bíodh sé buidheach."

"Tugadh sé aire dhó fhéin. Tá Dia thuas, míle moladh leis."

"Tugadh sí aire dhi fhéin, agus ná bíodh sí a' gearradh dé."

"'A dhuine gan chéill, tabhair aire dhuit fhéin (i.e. seachain Dia ort fhéin)
Níl tuile dhá mhéad nach dtrághann'."
[sliocht as dán]

"Má tá sé in a bhó mhór anois, síleann sé go bhféadfa sé a rogha rud a dheanamh. Ach tugadh sé aire dhó fhéin, mar is beag ar dhia leagan a bhaint as."

"Is maith 'n rud do chuile dhuine, aire a thabhairt dó féin agus gan ualach an fhir tall (an té údan eile) a bheith air"
= is maith an rud de chuile dhuine a pheacaidhe fhéin iomchur agus gan a bheith cionntach ibpeacadh duine eile.

"'Sé díol duine a' bith aire a thabhairt dó fhéin, agus gan bacadh le aon duine eile" = iomchruigheadh chuile duine é féin, agus ná bíodh call dó a bheith freagarthach ar dhuine eile.

"Ba mhaith an dícheall dom aire a thabhairt dom fhéin agus gan bacadh le aonduine eile" = chuaidh sé righte liom mo chuid aobha féin a thabhairt liom as an anachain, nó as a' gcontabhairt, agus ní raibh aon-ghoir agam tárrthail a dhéanamh ar aon-duine eile.

"'Sé cloch-neart duine ar bith, aire a thabhairt dó fhéin anois, lena gcaithtear de chlocha ar bhóithrí" = is deacair a theacht slán ó na clocha.

"'Sé díol a' diabhail (díol a' chlampair etc) aire a thabhairt duit fhéin ar a' saoghal seo, agus gan fhios agad cé hé do charaid thar do námhaid."

"Má shíleann tú aire a thabhairt duit fhéin nó gan a thabhairt, 'sé an cás céadna é, mar dá mbadh naomh tú, cuirfe duine eicínt ort" (i.e cuirfe duine eicínt achrann ort).

"Ní mó ná dhá mbeadh a' tSeamair Mhuire agad, go
bhféadfá aire a thabhairt duit fhéin anois ar bhóithrí
Chois-Fhairrge, aon-oidhche Dhomhnaigh, le a mbíonn de
mhion-achrann ann."
"Is fear maith a thiubhras aire dhó fhéin"
"Ní hé an uair a bheidheas tú buailte atá agad a bheith tabhairt aire dhuit
fhéin."

Tugann cailín nó bean aire di fhéin, nuair a choinnighea(nn)s sí a cliú
tárrtha, agus nach n-eirigheann mísc ar bith di.
"Tá sé in am aice a bheith indon aire a thabhairt di fhéin feasta
choidhchinn, agus í ar bhruach fiche bliadhain."
"Ní raibh sí indon aon-aire a thabhairt di féin, agus tá a chomhairthidheacht
le na chois anois."
"Baothóigín (i.e. oinseaichín) bhocht í, nach bhfuil fhios aice cé'n chaoi
le aire a thabhairt di fhéin."
"Is deacair do chailíní boga, óga, aire a thabhairt dóibh féin
ar a' saoghal atá ann."
"Níl call fainic ar bith orm; tá mé indon aire a thabhairt dom
féin" adéarfadh bean óg a mbeithí a' cur chomhairle uirre.
"Níor thug sí aon-aire di fhéin, agus d'fhága sin mar tá sí í."
"Sí'n bhean aerach i gcomhnuidhe is fhearr a thuga(nn)s aire di féin.
Ní fhaca tú 'súm-sám' ariamh, nach ciúin ciontach' a bheadh
sí."
"Ní bhfuighe aon-duine brabach uirre siúd, mar 'sí atá deas
ar aire a thabhairt di fhéin."

"Tá na gárdaí a' tabhairt aire dhó, mar caiteadh isteach sa teach aige, goirid ó shoin" = tá na gárdaí dhá chumhdach etc.

"Tugann na póilíos aire do'n talamh sin, mar is gearr ó' tiomáileadh (tiomáineadh) beithidhigh dhe."

"Ní mór dhuit aire a thabhairt de do 'bicycle' inGaillimh, le faitchíos a ngoidfidhe é." = cumhdaigh é; bí san áirdeall air.

"Tabhair aire de do chaipín nó ní leat fhéin í, agus a' seala cneamhairí atá annseo."

"Is maith nach mór do dhuine aire a thabhairt dá 'bhicycle' ag na rástaí, mar tá daoine ag (dh)ul thart a' forcabhás ar 'bhicycles' a' bith a fheicea(nn)s siad fágtha ar sliobarna" = caithfe tú cumhdach maith a bheith agad ar do róthar, ar na rástaí, arae tá daoine a' dul thart d'aon-cheird le róthar ar bith a fheiceas siad fágtha go siléigeach, a ghoid.

"Má bhíonn aon-phighneachaí airgid ar iomchur agad, tabhair aire mhaith dhóib, mar tá cneamhairí annsiúd a ghoidfeadh an chrois de'n asal."

"Tabhair aire mhaith de do chóta mór, mar níl aon-lá ariamh nach raibh sé igceist go raibh muínntear na M-luath-lámhach."

"Tabhair aire anois, de do chaipín agus ná fág faoi na lámha í" (i.e. nó goidfe siad í)

"Is cuma cé'n aire a thiubhras tú de do 'bicycle' ann, goidfidhear ball eicín dhe."

"Níl righeachan a' bith leo(b). Ghoidfidís a' léine anuas de do chraiceann, mara dtugtá aire mhaith dhi."

"'Siad na cneámhairí is corónta faoi róthaí na gréine
iad. Marach go dtug Dia dhom, aire mhaith a thabhairt
de mo chuid féasóige, ghoidfidís í sin fhéin, nuair nach
bhfacadar tada eile de bhrabach orm."
"Is cuma cé'n aire a thiubhrá do do chuid móna, ghoidfidís
as comhair do dhá shúl í, agus thiubhraidís mionna an leabhair
ina dheidh sin, nar bhaineadar léithe."
"Mara dtuga tú aire do do chuid feamuinne, is gearr
nach leat fhéin í."
"Tabhair aire do do chuid carraigín ar a' dream
atá síneadh leat. Tá fhios agad nach mórán carghaois
a chuirfeadh sé orra(b) corr-dhosán a bhaint thar teorainn."
"Ní mór dhuit a bheith san áirdeall ar do roinn
carraigín, mar a' dream (nó'n teaghlach) atá ar aon
teorainn leat, is beag aca do chuidse a bhaint
idteannta a gcuid fhéin."
"Ní mór dhuit aire mhaith a thabhairt do'n ghlaicín fhéir sin thiar.
Tá daoine ar a' mbaile seo 'bhfuil láimh indiaidh na
cleachta aca(b)" = bí 'san áirdeall ar do ghlaicín fhéir,
mar tá daoine ar a' mbaile, gur dual dhóib an ghoid.
"Tá nead easóige in a gcruaich fhéin, ach dhá mbeadh
an chomhursa a' tabhairt aire dhá chuid móna de ló agus
d'oidhche, thiocfaidís ínnte dhá mhíle buidheachas." =
ní thiubhraidís móin ar bith as a gcruaich féin (mar dhóigh
dhe go bhfuil nead easóige innte), ach dhá mhéad áirdill
dá mbeadh ag a' gcomharsain ar a chruaich féin, ghoidfidís
móin aiste ingan-fhios dó.

"Bhí mé g'acht a's go h-áithrid (d'fheacht?) a' tabhairt aire
di, agus níor fágadh fód agam ina dhiaidh sin."
"Dá mbeadh a bhfuil de shaighdiúir sa Rínn Mhóir, in arm a's
a n-éadaigh a' tabhairt aire dhi, (cruach mhóna), tá
daoine ar a mbaile seo, a thárlóchadh leo(b) í, dá
mbuidheachas."
"Ghoidfeadh cuid de na daoine í, a's bíodh seacht gcatha
na Féinne in a cíonn, a' tabhairt aire dhi."
"Dhá mbeadh confairteacha nimhe, is 'chaon cheann di, a' tabhairt
aire dhi, tá cuid de na daoine chomh h-imeartha agus go
ngoidfidís í, 'na dheidh sin"
"Tá sé 'tabhairt aire mhaith do'n teine. Is deacair í 'ghoid ná
'fhuadach uaidh" = cothuigheann sé an teine go maith; leaduidhe
na luaithe atá ann.
"Tugann sé aire mhaith do'n bhean." = fanann sé abuil sí
i gcomhnuidhe.
"Tá sé 'tabhairt aire mhaith do'n chladach, (do'n phortach, do'n splainnc,
do'n leaba, do'n teach ósta, do'n séipéal etc) ar an aimsir seo. = bíonn sé
ann i gcomhnuidhe.
"Tiubhra sé sin aire mhaith dhúinn, comh uain's aireochas sé
aon-bhrabach orainn." = beidh sé isteach a's amach againn
go minic, an fhad's bheidh fhios aige, go mbeidh aon-
bhantáiste dhó ann.
"Thug sé aire mhaith do'n teach seo, an fhad's caitheadh aon
chumaoin leis ann, ach tá fhios aige gur a' brughadh

ar a doicheall dó a theacht anois."

"'Siúd é an ceann céadna a thiubhras aire mhaith duit,

'fhads aireochas sé aon-phighinn a(ga)d" = cothócha sé an

chois agad, 'fhad's aireochas sé aon-phighinn de bhrabach

ort.

"Thug sé aire do'n teach seo, chomh-uain's d'airigh sé aon-

bhealthuidheacht againn" (i.e feoil, iasc nó nuaidheacht de'n tsórt)

"Thug sé aire dhúinn, an fhad's d'fhan aon-cheo de'n mhuic,

ach's beag a' luath a bhí aige, muid a thaobhachtáil ó shoin."

"Tiubhra sé siúd aire dhuit, má airigheann sé (má fhaghann sé)

aon-bhuille bog ionnad" = beidh sé in do chomhluadar,

má fheiceann sé go bhfuil tú frasac ná rabairneach

ná gnaoidheamhail.

"Is maith uaidh aire 'thabhairt do'n teach seo, ar a' saoghal seo,

pé'r bith cé'n t-ughdar atá aige leis" = tagann sé ar

cuairt go minic, anois, pé'r bith cé'n fáth dhó é.

"Má fheiceann sé go mbeidh tada dhá bharr aige, tiubhra

sé aire dhuit."

"Thug sé aire mhaith do Ghaillimh le mí, pé'r bith cé'n solamar

a d'airigh sé ann."

"Caithfe sé go n-airigheann sé solamar eicínt siar

faoi na locháin, agus an aire atá sé 'tabhairt dóib

le píosa."

"Tá sé tabhairt aire mhaith do na cártaí (do'n imirt)
ar an aimsir seo" = bíonn sé síorruidhe ag
imirt chártaí."

"Tá sí 'tabhairt aire mhaith do na Cealla(igh) ar a' saoghal seo
agus is bocht nach dtiubhradh, mar is iomdha sin solamar
agus beaduidheacht atá ag eirghe léithe ann"

"Is fear é a thuga(nn)s aire mhaith dhá ghna(ithe) agus tá shliocht
air" (tá bráigíll air). = ní leigeann sé aon-lúb
ar lár ina chuid oibre; déanann sé í go ceart
cneasta.

"Dhá dtugthá aire do do ghna(ithe) féin, is mó an
bhuidheachas a bheadh ort."

"Tabhairt aire do do ghnaithe féin, agus ná bac liomsa."

"Ní beag duit aire a thabhairt do do ghna(ithe) féin, agus
gan aire a thabhairt do ghnaithe duine eile."
= "is maith an rud do dhuine aire a thabhairt dhá
ghnaithe fhéin, agus gan bacadh le gnaithe duine
eile. (Déarfaidhe é le duine a bheadh a' cur chomhairle
ort faoi do ghnaithe, nó freisin le chur i dtuiscint
gurab é díol duine a' bith freastal dá
cheann-posta féin).

"Tá mo cheart ar m'aire, agus aire a thabhairt do mo ghnaithe féin"
= 'sé mo cheart (i.e mó dhíol oibre), freastal do mo
ghnaithe fhéin.

"Tá a sháith le déanamh aige, agus aire a thabhairt dhá ghnaithe"

"Ní thugann sé aon-aire dhá ghnaithe" = ní dhéanann sé

a chuid oibre mar is ceart.

"Is furast' aithne air, gur beag an aire a thug(ann)s sé

dhá ghnaithe."

"Níor thug sé aon-aire dhá ghnaithe, agus tá 'shliocht air, anois.

"Dhá dtugadh sé an oiread aire dhá ghnaithe, agus thug

sé do cheol a's do dhamhsa, bhí rud eicínt dhá shlacht

air indiu, fharrus mar tá sé, a' cur lá thairis."

"Ní iongantas a' bith nach mbeireann a' teas ar a'

bhfuacht aige, agus a laghad aire agus thuga(nn)s sé

dhá ghnaithe" (féach teas).

"Ní truaighe 'bith é, agus a fhusacht dó aire 'thabhairt dá

ghnaithe, fharrus a bheith tabhairt áird' ar

scaibhtéaraí, a chuir imbealach a bhasctha é."

"Tugann sé aire mhaith go leor dhá ghnaithe anois, ó

phós sé."

"'Sé cuid a' bheagáin d'aire a thug sé ariamh dhá ghnaithe

= is beag áird' a bhí aige ariamh ar a ghnaithe.

"Tugadh sé aire dhá ghnaithe féin, a's ná bacadh sé liomsa,

má tá a leas ar Dhia" (féach "leas")

"Is mór is fiú fear a thiubhras aire dhá ghnaithe fharrus

réic a bhío(nn)s i gcomhnuidhe déanamh aois' díofaill

(féach aois) ag imtheacht ag ól agus a' caitheamh."

"Bainfear as a chleachta anois é, má chaitheann sé

aire a thabhairt dhá ghnaithe."

"Is maith an aghaidh air é 'bhriseadh, ó thárla nar thug sé

aon aire dhá ghnaithe."

"'Sé 'bhí sé 'tuaradh dhó fhéin (i.e. é a bhriseadh) agus a laghad aire agus a thug sé dhá ghnaithe." (féach "tuaradh") = ní hé a mhaltraid a thuíll sé, ó's rud é, nar thug sé aon-aire dhá ghnaithe.

"Tabhair aire do do cheann-phosta, a's a liachtaighe duine a' forcabhás ar é 'fhaghail." = déan freastal ar dhualgaisí do phosta, mar tá go leor daoine, a' faire air.

"Mara dtuga sé aire dhá cheann-posta, beidh sé dhá uireasbha" = brisfidhear as a phosta é, mara dtuga sé áird' ar a ghnaithe.

"Tá sé gan Murrchadha gan Maghnus anois, in áit nach dtug sé aon-aire dhá cheann-posta" = "tá sé ar a' tráigh thirm anois faoi nach ndearna sé a chuid oibre mar ba cheart dó" = "níl posta ná tada aige anois, de bharr a chuid siléige."

"Tabhair aire do do chuid scoile, agus b'fhéidir go n-eireochadh posta maith leat aiste amach annseo" = fan ag dul chuig an scoil go síorruidhe, agus freastail do'n fhoghluim, agus b'fhéidir go bhfuightheá posta maith dhá barr fós.

"Is córa dhuit aire a thabhairt do do theach agus do chlainn ná bheith ag imtheacht le dreabhlás mar tá tú."

"Ní thugann sé aon-aire dhá chuid leabhar" = níl
aon-spéis aige sa bhfoghluim, agus ní chaiththeann sé léithe.
"Mara dtuga sé aire mhaith dhá theach, is gearr a bheidheas aon-
teach aige." = mara mbreathnuighe sé amach do chúrsaí a thighe,
is goirid go gcuirtear de dhruim tighe é.
"Is beag, beag an aire atá sé 'tabhairt dhá teach ná dá
chuid talmhan."
"Is fearr leis a bheith ag imtheacht le aer a' tsaoghail ná
aire a thabhairt dhá theach, ná dhá ghnaithe."
"Mara dtuga sé fhéin aire dhá theach feasta, ní bhfuighe sé a chuid
beatha ó Neamh" = caithfe sé freastal do chúrsaí a thighe
uaidh seo amach, arae ní bhfuighe sé a chuid
beatha ina chomhnuidhe.
"Tá air aige anois, aire a thabhairt dá theach, ní
h-ionann's ariamh"

déarfaidhe seo dhá bhfaghadh congantóir leis, nó a chéile bás, nó dhá dtagadh cor sa saoghal nó a leithide.

"Ó thárla nach bhfuil sé de thuiscint ann fhéin, aire a thabhairt dhá chuid oibre, bheadh sé mór againne a dhul a' cur chomhairle air."

"Is maith an scathamh ó chuir mé aithne air, aire a thabhairt dhá cheann-posta, agus eirghe as an ól, ach níl aon mhaith 'bheith leis: sé'n ceann céadna igcomhnuidhe é."

"Tabhair aire mhaith anois do do cheann-posta, ní a' cur aithne ort é!"

"Mara dtuga tusa aire do do phosta, tiubhra duine eicínt eile aire dhó" = má leigeann tusa uait do phosta le siléig, tiocfa duine in t'áit, nach leigfe uaidh é le siléig.

"Is beag a bhí ar t'aire, agus ní raibh tú indon aon aire a thabhairt do'n méid sin féin" = ní raibh mórán le déanamh agad, agus rinne tú faillighe sa méidín sin fhéin.

"Ní díol truaighe 'bith é, nar thug aire dhá phosta chomh-uain's 'bhí sé aige."

"Nach hé an dearg-leibide é; nach dtugann aire dhá phosta, sgáth a bhfuil le déanamh aige."

"Ní mórán aire a thug sé dhá chuid oibre ariamh, pé'r bith cé'n chaoi ar thug sé a eang (a cheann) leis" = is iongantach nach rugthas ariamh air, agus a liachtaighe faillighe agus a leig sé in a ghnaithe.

"Tá'n tseamair Mhuire aige, nó brisfear é, agus a laghad aire a's 'thuga(nn)s sé dhá phosta."

"Tuille glugair (ch)uige anois, nar thug aire dhá ghnaithe!"

"Mara dtuga sé aire dhó fhéin, is gearr gur fear briste a

bheidheas ann" (is gearr gur fear briste é)

"Mara dtuga sé aire dhó féin, tromfa an 'Gobhairmint' air"

= má mhaireann dó, a' deanamh faillighe ina chuid oibre,

beidh an Riaghaltas sa mullach air.

"Mara dtuga sé aire dhó féin, is gearr gur ag imtheacht a'

gábhail 'Aidhlín (Eibhlín) ón a ruan' a bheidheas sé"

= mara mbí áird' aige ar a ghnaithe, is gearr gur briste

a bheidheas sé.

"Is maith an aire nach mór dhó a thabhairt dó fhéin, mar tá

an 'Gobharmint' ar a thí" = tá'n Riaghaltas ar an airdeall

air, go bhfagha siad ughdar ar é 'bhriseadh.

"Ní f'lár dhuit aire a thabhairt duit fhéin, mar tá na

comhairleachaí móra sa mullach ort" = caithfe tú

an-aire a thabhairt do do chuid oibre, mar tá na daoine

atá i gcéimidheacht anuas ort, agus 'san áirdeall le

deis fhaghail ort.

"Ní mór dhuit aire a thabhairt duit fhéin, thar mar dhéan(ann)s

tú, mar ní bheadh fhios agad, cé'n nóiméad a gcuirfidís éiliughadh

ort" (a dtiocfaidís in do mhullach; a mbeadh an tóir ort etc)

"Tabhair aire do do chuid airgid anois, agus ná caith go fánach é."

= ná bí rabairneach, ná frasach, ná dreabhlásach leis, ach bí

cruadh, coinneálach air.

"Dá dtugadh sé aire dhá chuid airgid, nuair a bhí sé aige, ní bheadh sé

ag imtheacht agus a chraiceann leis anois."

"Is beag a' truaighe é faoi anshógh 'bheith air anois, nuair

nar thug sé aire dhá chuid; agus é aige."

"Níor thug sé aon-aire do'n airgead; shíl sé nach bhfeicfeadh sé a dheire caithte go deo."

"Níor thug muid aon-aire do'n rud (do'n airgead, do'n mhaoin etc) nuair a bhí sé againn, agus fágann sin muid fhéin ar deire anois."

"Níor thug sé aon-aire do'n údhachta a fuair sé, agus tá sé ag imtheacht gan tuínnte de'n éadach air anois" (gan snáth éadaigh, gan snáth de na seacht n-éadaigh, gan snáth ar a chraiceann, gan falach ar a dhruím etc)

"Dhá dtugadh na daoine aire do'n airgead aimsir a' Choga(idh), ní fheicfidís aon lá bochtaineachta go deo, ach cé'n chuímne a bhí againn nach seasfadh sé choidhchinn."

"Ar a' dá luath agus ar thuit an oighrigheacht air, d'imthigh sé as a chrann cumhachta ar fad, agus níor thug sé aire 'bith do'n airgead."

"Má tá indán's go dtiubhra sí aire do'n udhachta anois, ní fheicfe sí aon-lá bochtaineachta le na saoghal."

"Tabhair aire dhá bhfuil agad (i.e. d'airgead) agus beidh tú indon cur in a cheann" (cuir ina teannta, cur leis etc)

"'Sé atá indon aire a thabhairt dhá chuid airgid. Ní sheasfadh sé deoch do dhiashúlach(?)" = níl sé caithmheach, mar ní thiubhradh sé deoch d'aonduine 's cuma cé hé féin.

"'Sé atá deas ar aire a thabhairt dhá mbeidh aige. Ní fheicfeadh Mac Dé deoch in a dhiaidh."

"Cneagairín caillte é, a thabharfadh aire do'n chianóig a's bíodh sé taobh léithe."

"Sé'n aire chéadna a thiubhras sé do'n bheagán a's do'n mhórán, do'n leithphighinn a's do'n phunt." = tá sé tíoghbhusach barainneach.

"Is mór a' smál a bhíos ar dhuine nach dtugann aire do'n rud nuair a bhíos sé aige."

"Ní thugann sé sórt aire 'bith d'aon phiginn bheag a bhío(nn)s aige, ach gaoth a thabhairt dóib" (i.e. iad a chaitheamh go h-éasca) chomh luath agus 'gheobhfeas sé 'na láimh iad."

"Níor cheart cianóg ruadh a fhágáil aige, mar sé sin a' fáth, níl fhios aige le aon-aire a thabhairt do'n airgead."

"Ní chuirfinn amach taobh leis a' méid sin é, (i.e. thiubhrainn tuille airgid dó) ach nach bhfuil fhios aige le aon-aire a thabhairt d'aon phighinn dhá mbeidh ar iomchur aige."

"Is mór a' carghaos airgead a chuir amudha leis, mar thar aonduine, níl fhios aige le sórt aire 'bith dá bhfaca tú 'riamh a thabhairt dó."

"B'fhéidir go mbeadh fhios aige le aire a thabhairt dhá chuid airgid aríst, 'ní múinte go meallta' mar adeir a' fear fadó"

"Múinfe sin é, aire a thabhairt dá chuid airgid aríst, agus gan a bheith ag imtheacht dhá ól le grifisc na tíre." = tiubharfa sin ciall ceannuighthe dó, gan a chuid airgid a ól aríst le díoghadh na tíre.

"Ní chomhairleochadh a' saoghal é, aire a thabhairt dá chuid airgid."

"Chuir mé aithne air, ar a dhul amach 'na n-aona(igh) dhó, aire a thabhair dhá chuid airgid, ach thug sé áird' orm go deimhin!"

"Tabhair aire do'n pháiste go dtaga mé isteach" = fan i gcíonn an pháiste, agus cumhdaigh é, go dtaga mé ar ais.

"B'éigin dó fanacht ó'n aifreann a' tabhairt aire do'n teach" = a' cumhdach a' tighe.

"Caithfe duine eicínt fanacht istigh a' tabhairt aire do'n teach" = a' cumhdach.

"Scuabadar leo(b) uilig ar an aonach, cé's moite dhom fhéin a fágadh a' tabhairt aire do'n teach."

"Ní mórán a thaithnigh leis fanacht istigh a' tabhairt aire do'n teach, nuair a bhailigh an mhuínntir eile ar fad leo(b)."

"B'éigin do fuirtheacht ó'n scoil indiu a' tabhairt aire do'n teach."

"Caithfe sé fanacht a' tabhairt aire do'n teach go mbí an chruadhóg dhínn." (dhaoinn adeirtear — Chois Fairrge, ach dhínn Iarthar Conamara)

"Fágadh a' piodarlánn a' tabhairt aire do'n teach, mar bhí congnamh a' teastáil sa tráigh" = fágadh a' gasúirín beag a' cumhdach a' tighe, mar bhí an dream eile ar fad a' teastáil a' baint fheamuinne.

"Má bhíonn ormsa 'bheith amuigh a' scaradh aoiligh, cé thiubhras aire do'n teach?"

"Níl duine ná deoruidhe (níl duine ó Dhia anuas, mac an éin bheo, críostuidhe an éin bheo, críostuidhe an bhéil beo, geinealach a' bhéil beo, mac a' pheata, mac mioscais etc) aige anois, le aire a thabhairt do'n teach, agus ní fhéadfa sé fhéin freastal do'n áit istigh agus do'n áit amuigh" (ní fhéadfa sé 'bheith istigh a's amuigh)

"Nuair a tháinic mé abhaile bhí an teach béal in áirde, agus gan duine ná deoruidhe a' tabhairt aire dhó" = bhí sé

oscailte, agus cead ag an tír a theacht isteach, agus gan mac a' pheata ina chíonn.

"Tá a clann ar fad ar aon-chéill, agus níl a' girrseaichín is sine aca(b) indon aire 'thabhairt do'n teach fós di."

"Bhí stuaic uirre, faoi go mb'éigin di fuirtheacht a' tabhairt aire do'n teach."

"Níor thug mé an oiread a's cuairt amháin amach faoi'n mbaile ó tháinic a' bhliadhain, ach mé cuibhrighthe istigh igcomhnuidhe 'tabhairt aire do'n teach."

"Is olc a' ceart é, gur mise a chaithfeas aire a thabhairt do'n teach i gcomhnuidhe a's chuile duine eile ag imtheacht le aer a' tsaoghail."

"Níor thaobhuigh mé Aifreann Dé ó tháinic a' samhradh, ach a' tabhairt aire do'n teach chuile Dhomhnach."

"Tugaighidh aire dhá dteach anois, nó fágaighidh béal in áirde é, má thogruigheann sib. Dheamhan mo chos ná mo chnáimh-se, fhanóchas in a chíonn níos fuide dhaoib."

"D'fhan mé a' tabhairt aire do'n teach dhaoib ó tháinic an bhliadhain, agus sin é mo bhuidheachas (is beag é mo bhuidheachas 'na dhiaidh sin."

"Ba díon déirce léithe aonduine fhaghail a thiubhradh aire do'n teach di, feadhs í fhéin a bheith imthighthe, agus 'sé mo bhuidheachas anois go bhfuil sí a' samhailt liom gur ghoid mé airgead uaithe."

"Caithfe mé duine eicínt a fhaghail a thiubhras aire do'n Naoidheáinín dhom, lá an aonaigh."

"Tugaighidh aire do na gamhna agus ná leigighidh sa gcur iad"

= déarfaí é le gasúir a chuirfí a' fosuidheacht.

"Tugaighidh aire do na bainbh agus ná leigighidh dhóib imtheacht go mbí sé in am iad a chuir isteach trathnóna."

"Ní cuirfe sé mórán stróbh orraibh aire a thabhairt do'n capall, go dtaga mé fhéin abhaile ó'n siopa" = a bheith san áirdeall ar a' gcapall agus gan cead imtheachta 'thabhairt di.

"Tugaighidh aire do na h-asail, nó imtheocha siad ar strae" = bígidh san áirdeall ar na h-asail, nó imtheocha siad ar seachrán.

"Ní fhaca mé aon-duine aitheantais inGaillimh indiu a n-abróchainn leis aire a thabhairt do'n capall ar a' tsráid, an fhad's bheinn a' faghail na maingíní a d'fhága mé tigh Pheadair." = gan cead corruighe a thabhairt do'n chapall.

"'Sé is lugha soighleas de dhaoine an domhain. Ní thiubhradh sé aire do'n chapall dom, an fhad's bheidhinn a' ceannacht máilín plúir." = ní duine garamhail é, mar ní fhanóchadh sé 'san áirdeall ar an gcapall dom, an fhad's bheinn a' ceannacht máilín plúir.

"Dhá mbeadh aon-duine agam a thiubhradh aire do'n chairt dom ar a' bhFaithche Mhóir indiu, b'ait a' lá óil a bheadh agam, mar bhí Máirtín Rúnú a' strócántacht liom go dtugadh sé isteach mé" [féach strócántacht]

"Ní mór dhom duine eicínt ab uil mé a thiubhras aire do na gamhna dhom, le faitchios a n-iarrfaidhe ag ól béiréiste mé" [féach "béiréiste" = deoch a óltar ar margadh a dhéanamh]

"Bhí mé in mo ghamal ar an aonach indiu, gan duine ná deoruidhe agam, ach mé fhéin, le aire a thabhairt do na buláin."

"Tá mé idteannta annseo. Ní féidir liom corruighe as ball na h-áite go dtaga duine eicínt le aire a thabhairt do na caoirigh (do'n chapall etc) seo dhom" adéarfadh duine a mbeadh

eallaigh nó a mhacsamhail air, ar aonach, nuair a chuirfí bleid béiréiste, nó bleid siubhlóide air.

"Tabhair aire do'n chapall sin, go gceannuighe mé cupla unsa tobac."

"Is beag atá ar' aire fhéin, ach a dhul ag a' siopa" = níl mórán le deanamh aige féin, ach a dhul chuig a' siopa.

"Leig dhom anois, mar tá rud ar m'aire, fharrus a bheith a' tabhairt áird' ortsa" = ná cuir araoid a' bith anois orm, mar tá an iomarca le déanamh agam (b'fhéidir go minic gur imnidhe a bheadh i gceist le rud ar m'aire mar seo) agus ní fhéadfa mé freastal duit.

"Tá rud ar m'aire anois, fharrus a bheith ag éisteacht leatsa a' diúgaireacht agus ag amhlóireacht." (féach "diúgaireacht", agus "amhlóir") = tá fuighleach le déanamh agam nó tá mo sháith imnidhe orm, fharrus áird a thabhairt ar do chuid cantail-sa.

"Tá rud eicínt ar m'aire anois, fharrus scéalta a ínnseacht duitse."

"Ba chóra dhuit rud eicínt eile a bheith ar t'aire, ná bheith baint ghuil as an amhlóir de pháiste sin" = ba cheart go mbeadh rud eicínt eile le déanamh agad (nó dhá dheanamh agad), fharrus a bheith a' spochadh agus a' saimhseoireacht leis a' gcantalóir de pháiste sin.

"Dhá mbeadh rud ar t'aire, ní in do shuidhe ar do ghogaidhe 'bheitheá an tráth seo 'ló"

"Dhá mbeadh rud ar t'aire, ní idteas na pluide bheitheá a leithide de lá breagh."

"Furast' aithinte gur beag atá ar t'aire, a' léigheamh páipéir nuaidheachta, agus an ghrian go h-árd ar a' spéir fós."

"Níl mórán ar t'aire, mara bhfuil le déanamh agad lá Earraigh, ach a scríobhadh leitreachaí."

"Tá rud eicínt eile ar a(r) n-aire 'nois, agus beidh breith ar na leitreachaí" = tá rud thar leitreachaí a scríobhadh le déanamh againn anois, agus ar aon-chor, gheobhamuid neart ionbhadha le h-aghaidh na leitreachaí.

"'gceapann tú go bhfuil tada eile ar m'aire, ach a dhul a' déanamh cuinneogaí dhuitse" ["cuinneogaí" = sórt cluiche a bhíos ag páistí]

"Dheamhan mórán ar 'aire fhéin, ach freastal ar a chuid beithidheach"

"Shílfeá go mbeadh rud eicínt ar t'aire, agus gan a bheith in do spreas istigh annsin."

"'Bhfuil rud a' bith ar t'aire anois, ach a' déanamh suipíní luíche le gasúir" ["suipíní luiche" = suipíní tuighe a cuirtear idir gasúir le iad a splanncadh (ch)un troda]

"Tá neart ar m'aire fhéin ar an aimsir seo, fharrus a dhul a chongnamh do'n chomhursa."

"Tá go leor ar 'aire go deimhin! Ag imtheacht a' deanamh bolg le gréin ar chnocáin!"

"Nach mór atá ar t'aire fhéin, nach bhféadfá a dhul a's é dhéanamh!" adéarfa le duine a bheadh ag iarraidh ort rud eicínt a dhéanamh dhó, agus go gceapann tú nach mórán eile atá le déanamh aige fhéin, ach é dhéanamh.

"Tá'n leisce ar aire! Sin é a bhfuil ar aire" = ní dhéanann sé tada le leisce.

"Caithfe sé gur diabhaltaidhe an lear atá ar aire, nuair nach dteigheann sé a's a' cupla 'maingil' atá aige a

bhaint, shul dhá lobhfa siad sa talamh."

"Tá rud ar aire anois fharrus áird a thabhairt

orraí(bh)se."

"Marach a bhfuil ar m'aire fhéin faoi láthair, thiubhrainn

tamall de lá dhuit leis a' bhféar."

"Tá'n oiread sin ar m'aire, agus nach bhfuil mé indon

freastal dhá leath, ná dhá thríomhadh cuid."

"Tá'n oiread ar m'aire anois, agus go gcaithfe an portach

fanacht mar sin go ceann scatha(imh) eile." = tá'n

oiread le deanamh agam faoi láthair, agus nach bhfuil

ionbhadh agam freastal do'n mhóin go cheann scathaim

eile.

"Bhí an iomarca ar m'aire an uair chéadna, le aon

ugach a thabhairt dó" — duine a bheadh ag iarraidh

fear ceirde nó fear oibre ag obair, agus go mbeadh

an oiread le deanamh aige, agus nach bhféadfadh sé a

rádh cé'n uair a d'fhéadfadh sé a dhul leis.

"Tá mo dhá dhíol ar m'aire fhéin anois, gan a dhul

le duine 'bith eile" (i.e. gan a dhul ag obair ag

duine ar bith eile)

"Tá'n t-uathbhás ar m'aire faoi láthair" = tá go leor

le déanamh agam, faoi láthair.

"Caithfe tú foighid thairis sin a bheith agad le fear a bhfuil cúrsaí na

tíre uilig ar 'aire"

"Is bocht nach mbeadh imnidhe air, agus gna(ithe) na tíre

uilig ar 'aire."

"Ní hé an oiread sin atá ar t'aire fhéin istigh, nach bhféadfá

giotamáil bheag a dheanamh amuigh."

"Tá tuirsiú a láimhe ar a h-aire istigh, agus gan a bheith ag

iarraidh uirre freastal do'n áit amuigh chomh maith"

= [tá dalladh le déanamh faoi'n teach aice, agus gan a

bheith 'súil, go ndéanfadh sí obair amuigh (i.e. ar a' talamh) freisin]

"Is rí-bheag atá ar a h-aire fhéin, agus gan a bheith ag iarraidh
cailín."

Aire = iongabháil, freastal áithrid, cumhdach; a bheith triollata ort fhéin.
"Tá sé 'faghail aire mhaith" = tá sé 'faghail iongabhála agus freastail;
an biadh a fheileas dó, comhguisí dochtúra agus eile.
"Srianfa sé thríd (an tinneas) le aire" = má fhaghann sé an
iongabháil agus an altromacht cheart, tiocfa sé chuige fhéin.
"Má imthigheann sé, ní cheal aire é" = "má fhaghann sé bás
ní d'uireasbha aire é"
"Tá sé 'faghail aire na h-uibhe" = an-aire ar fad; tá siad
a' caitheamh go maith leis.
"Tá sé 'faghail aire ar leith" = an-aire; togha aire.
"Ní mór dhó aire a fhaghail, le theacht chuige féin."
"Tugann sé an-aire dhó fhéin; ní fheicfe tú amuigh é
lá fliuch" = tá sé triollata air fhéin; ní bhíonn sé
amuigh faoi fhliuchán ná faoi fhuacht, ná faoi dheártan.
"Thug sé an-aire dhó fhéin ariamh, agus ní raibh pian ná
tinneas air."
"Ní thugann sé aire 'bith dhó fhéin. Bíonn sé amuigh faoi
fhuacht agus faoi fhliuchán i gcomhnuidhe."
"Fuair sé saoghal maith d'fhear nar thug aon-aire dhó fhéin
ariamh" = mhair sé i bhfad, aindeoin go mbadh
fear é, a fuair fuacht a's fliuchán agus droch-shíon.
"Is maith an mhaise dhó é fós, de dhuine nar thug mórán
aire dhó fhéin ariamh" = is maith atá sé
a' breathnú fós, cé gur fear é a bhíodh faoi

fhliuchán agus faoi fhuacht, agus amuigh domhain 'san oidhche agus nach gcaitheadh go maith leis fhéin etc.

"A dhá ndíol aire a thuga(nn)s cuid de na daoine dhóib féin. B'fhéidir go mbeidís 'chuile ordlach chomh maith, dhá mbeidís gan a leath-oiread aire a thabhairt dóibh fhéin."

"A dhá dhíol aire atá sé 'fhaghail. Marbhócha an bheatha é nó tá goile capaill aige"

"'Dá bhfaghadh sé a dhóthain (a sháith, a dhíol) aire', adeir a' dochtúr, 'thiocfadh sé as'."

"Mara dtaga sé as le aire, tá a chnaipe déanta."

"Tiocfa sé as (as tinneas) le aire."

"Bhí an slaghdán in a chrioslaigh, agus níor thug sé aon-aire dhó fhéin, ach a' róithireacht thart (i.e. ag greadadh thart, ag imtheacht thart) ag céilídheachaí, agus sin é a chuir sa talamh é."

"Bhí fuigheall slaghdáin air, agus níor thug sé aon-aire dhó fhéin, gur buaileadh síos in ath-uair é. Bhí sé mall aige annsin (aire a thabhairt dó fhéin)."

"Sé'n tsiocair bháis a bhí aige nar thug sé aon-aire dhó

fhéin, ar a' slaghdán a bhí air. Ní choinneochadh fear
a's píce istigh é, a' déanamh amach, nach raibh
clóic a' bith air."
"Beidh liostachas fada air (i.e. beidh sé i bhfad buailte síos), ach
srianfa sé thríd le aire."
"Ní hé an uair atá sé in ainsil ar dhuine, atá aige
a bheith tabhairt aire dhó fhéin" = ní hé an uair
atá sé go dona leis an tinneas nó leis a' ngalra, atá
ag an duine aire a thabhairt dó fhéin, ach roimhe sin.
"Ní tiocfa aon-bhiseach air gan aire."
"Tiocfa sé as le aire, ach ní mó ná sin é" = gan
aire mhaith, ní thiocfa aon-bhiseach air.

"Sé'n uair a bhuail an slaghdán an chéad-uair é, a bhí aige aire a thabhairt dó fhéin."

"Dhá bhfaghadh sé aire, ó thosuigh sé a' fuasaoid an chéad uair, dheamhan bás na bascadh a bheadh air indiu."

"Tá sé igcomhnuidhe tromachan ar bhean a mhic, nach bhfuil sí 'tabhairt a cheart aire dhó." = (a sháith aire)

"Sílim féin nach uireasbha aire a rinne dhó, chor a' bith é, ach go raibh sé tolgtha ó Dhia a's ó'n saoghal."

"Deirimse aire leat! Tá sé fághail na h-aire chéadtaigh"

[aire chéadtach = an-aire amach a's amach]

"Sé'n leath-rann céadna atá aice ó phós an mac, nach bhfuil a' bhean óg a' tabhairt aire 'bith dhi."

"Ba chumaoin di aire mhaith fhéin a thabhairt do'n tsean-fhear, agus a liachtaighe punt mór pinsean a thug sé isteach aice."

"Ba chumaoin di, aire a thabhairt do'n tsean-bhean agus gurab í a thóig a clann di."

"Mara bhfuil sé sin a' faghail aire, ní lá go maidin é."

"Is olc an aghaidh aire é, mar ba dona an aire a thug sé fhéin dhá bhean bhoicht"

"Ní mórán call aire dhó; nach bhfuil sé ina shean-léim arís."

"Is ait an aire nach mór dó a fhaghail, má's leis a theacht as."

"Tá díol ríogh d'aire dhá fhaghail aige" = an oiread aire agus gheobhfadh rí.

"Faghann sí díol mná uaisle d'aire, nuair a bhíos sí i luighe seoil."

"Tá mé meathta aige, le na bhfuil mé 'thabhairt d'aire dhó, agus dheamhan mórán dhá shlacht air, na dhiaidh sin."

"Mara bhfuil sé a' neartú, ní hí an aire atá dhá dhéanamh dhó."

= tá sé 'faghail a sháith aire, le neartú.

"Tá sé sin a' faghail an oiread aire, agus gheobhfadh triúr" = tá'n oiread bidh le triúr dhá fhaghail aige.

"Má tá sé 'faghail neart aire fhéin, níl sí 'déanamh a dhath maitheasa dhó"

"Dhá bhfaghadh sé an oiread eile aire, ní bheadh slacht a chodach air, pé'r bith cá'il sé dhá chur" = níl an bheatha a' ná'n oiread eile beatha agus faghadh sé í, a' deanamh aon-mhaith, dhó, pé'r bith cá gcuireann sé í (i.e an bheatha)

"Shoraidh dhíot, le caoi a' bheith ort! Dhá mhéad aire, dhá dtuga mé dhuit, 'un donacht a thiocfas tú" (déarfadh duine cainnt de'n tsórt seo le gamhain, goisín, sicín, banbh etc.)

"Is mór a' carghaos an aire atá an suachmánn (somachán de pháiste; páiste bog, beathuighthe) sin a fhaghail, agus páiste bochta eile a' scríobadh leis a' ngánntan."

(suachmánn = súghachmán?)

"Tá'n laogh sin a' faghail aire an duine uaithe" = caithtear chomh maith leis, agus caith(f)í le duine.

"Dhá bhfaghainnse an aire atá mac an bhreithimh a fhághail chaochfainn é, ar mo rogha caoi" = dhá bhfaghainn an bheathú chéadna leis, níl bheadh aon-ghoir aige orm, le obair ná gaisce 'bith.

"Thug muid ar fhéad muid d'aire dhóib, agus chuaidh siad in a' n-aghaidh 'na dheidh sin (bainbh nó beithidhigh) = "cailleadh orainn iad, th'éis ar thug muid d'aire dóibh."

"Ní leigfeadh an t-uathbhás dó siúd
aire a thabhairt dó féin" (uathbhás = sainnt oibre)
"Mara dtuga sé aire dhó fhéin, thar mo tá sé a dhéanamh,
is gearr a' bás uaidh."
"Dhá mbeadh breith ar 'aithmhéala aige, thiubhradh sé
aire dhó fhéin in am."
"Is mairg do dhuine nach dtugann aire dhó fhéin, an fhad's
fhága(nn)s Dia an tsláinte aige."
"Dhá dtugadh sé aire dhó fhéin, agus fanacht ó na cladaigh, bheadh
sé beo, beithidheach indiu."
"Ní raibh aon-chomhairleachan in a chíonn. Is cuma céard
déarfa leis, ní thiubhradh sé aon-aire dhó féin."
"Mara dtuga tú aire dhuit féin anois, an fhad's tá a(ga)d
(i.e. an fhad's 'tá tú go maith), tiocfa do chois romhat aríst"
"Tabhair aire do do chois anois, agus ná déan aon-teanntás
uirre, go snadhma na cnámha aríst." = déarfaí cainnt
de'n tsórt seo le fear a bhrisfeadh a leonfadh nó a chuirfeadh amach a
chos. = ná luigh ró-mhór ar do chois, nó ná leig do mheadhchan
mórán uirre, go bhfása an dá chnámh ina chéile aríst.

"Is mairg duit nar thug aire dhuit fhéin, chomh uain's bhí do
shlainte agad."
"Níl sé 'tabhairt aon-aire dhó fhéin, agus tá faitchíos orm go
dtiocfa sé in aithmhéala dó, mara bhfuil ag Dia."
"Ní díol truaighe 'bith é, nar thug aire dó fhéin, nuair a bhí biseach
aige."
"Ba deacair dhó aire thabhairt dhó fhéin agus a raibh gan (le) déanamh aige."
"Sé'n bhuidheachas amháin atá air anois, agus dhá dtugadh sé aire
dhó féin."
"Sí an fheamuinn a chuirfeas síos sa talamh (i.e. san uaigh) é, mara dtuga sé
aire dhó fhéin."
"Mara dtuga sé aire dhó fhéin, ar thuaradh na maidne, beidh sé in aithmhéala.
= is olc an rud dó, mochóirighe.

"Dhá dtugadh sé aire dhó fhéin (dá mbeadh sé triollata air fhéin)
ní amuigh le cladaigh a' tóruigheacht fheamuinne, ó oidhche go
maidin a bheadh sé."
"Dhá mbeadh faoi aire a thabhairt dhó féin, ní hé
an saobhnós a bhíodh faoi, a bheadh faoi."
"Ba chóra dhó aire a thabhairt dhó fhéin, agus fanacht istigh,
fharrus a bheith amuigh ar a' gcriathrach sin, ar
aghaidh na doininne agus na riththeachta."
"Shílfeá gurab é an rud is lugha dhó aire a thabhairt dó fhéin, agus a'
droch-lá 'leigean thairis."

"Aire dhuit!" = bí ar t'áirdeall fhéin; fainic; seachain chugad!

"Aire dhuit! Chugad a' madadh!" = bí san áirdeall, ar fhaitchíos go n-ionnsóchadh a' madadh thú.

"Aire dhuit a Phádraig. Chugainn na póilíos!"

"Aire dhuit! Teirigh ar a' mbrocach sin, tá'n coinín a' déanamh orainn."

"Aire dhuit! Nó tiocfa an sagart in ngan fhios orainn"

"Aire dhuit! Seo é Seán!"

"Aire dhuit! Ná bí 'tuitim 'do chodladh annsin."

"Aire dhuit! Go gcaithe mé an píce (ch)ugad."

"Aire dhaoib! Tá duine taobh amuigh."

"Aire dhaoib! Cloisim troimpléasc eicínt ag tóin a' tighe."

"Aire dhuit! Is gearr uait anois (i.e. is gearr uait daoine)

Tabhair faoi deara (faoi t'aire?) féach "deara".

Ghoin m'aire mé (ghoin 'aire é, etc) = chuimnigh mé; bhí mé san áirdeall orm fhéin; dar liom fhéin; brath nó tabhairt faoi deara.

"'Níor aithin sé mise — tuige a n-aithneochadh? — ach d'aithin mise eisean ar a' bpointe, agus ghoin m'aire mé gan labhairt ar thada'" = [facthas dom go mb'fhearr dom gan labhairt ar thada] [Sliocht "In Aimsir Emmet — Colm Ó Gaora d'aistrigh — l. 14]

"'Thosuigheas a' smaoineadh agus ghoin m'aire mé. Diabhal a' féidir gur tú Morell adeirim leis'" (In "Aimsir Emmet" l. 98)

"'Bhí an rud dhá fheiceál dom ar feadh tamaill, ach níor thugas mórán áirde air, mar ní raibh nóiméad de'n am nach ag smaoineadh ar Pheadar Ó Mathghamhna a bhí mé, agus ag súil leis, agus mé a' dearcadh amach go neamh-shuimeamhail, gan rud áithrid ar bith dhá chronú agam, gur ghoin an rud seo m'aire'" [In Aimsir Emmet l. 296] = gur bhrathas an rud seo.

"A' deanamh ar an áit a raibh mé faoi choisméig bheodha thapaidh dóibh, ghoin radharc eile m'aire d'ídigh de thoirt a' chéad radharc" (In Aimsir Emmet l. 313). = chonnaic mé nó thug mé radharc eile faoi deara.

"Ghoin m'aire mé, nuair nar chuala mé aon chneadghail sa seomra. Ar a dhul siar dhom, bhí sé ar na preaba deireannacha" = chuimhnigh mé go raibh rud eicínt ar an othar, nuair nar chuala mé ag cneadghail é; chuaidh mé siar sa seomra, agus bhí sé 'séalú romham.

"Ghoin m'aire mé, gurb é an ceann seo (i.e. a mhac fhéin)
a bhí gortuighthe, agus leig mé liom fhéin go bóthar."
"Ó ghoin m'aire mé an chéad uair, ní fhéadfainn
forus ná suaimhneas a dhéanamh, go dteighinn faoi na
dhéint." (bean a raibh faitchíos uirre gur buaileadh a fear
i dteach cuarta, mar chuala sí gleo ina teach féin.
"Ó ghoin m'aire mé; bhí mé priaclach go dtagadh sé abhaile"

"Ghoin 'aire an fear a bhí taobh amuigh, faoi nach raibh aon-duine a' teacht amach as a' gcaisleán" = chuimhnigh sé go gcaithfeadh sé go raibh mísc eicínt ar siubhal istigh, nuair nach raibh aon-duine a' teacht amach.

"Ghoin m'aire mé, nuair a chonnaic mé chomh glan sciúrtha agus bhí a léine le h-ais na gciomachaí eile a bhí air. 'Má's ceannuidhe thú' arsa mise liom fhéin 'is maith í do léine'."

[spiadóir a chuaidh thart, agus é leigint air fhéin go mbadh fear bocht é aimsir na nDubhchrónach. Brathadh ar a léine é]

"Níor ghoin m'aire mé 'riamh, ariamh, gur dhubhairt sé go bhfágfadh sé agam a' t-éadach, agus go bhféadfainn é 'íoc a' chéad lá eile a gcas(f)aidhe an bealach é. Bhí fhios agam an uair sin, nach raibh sé ach ag iarraidh é 'chuir orm."

"Ghoin m'aire mé, nuair a tháinic an madadh agus gan aon-duine in éindigh leis."

"Ghoin aire Seán, agus chomh sleamchúiseach agus a bhí an strainséara dhá cheisniú faoi'n bpoitín" = thuig sé ó'n gceisniú sleamchúiseach go mbadh spiadóire é an strainséara.

Aireach (aidiacht nó dobhriathar ó "aire") = triollata,
áirdeallach.

"Bí aireach annsin, mar is fánach an chaoi a suí(f)idhe thú" = bí
áirdeallach annsin, mar leagfaidhe ann thú go h-éasca.
"Níl ann, ach réidh-chosán aistreánnach, agus níor mhór do dhuine a
bheith fíor-aireach dhá shiubhal." = cosán-ar-éigin é, agus é an-
docamhail, agus chaithfeadh duine a bheith áirdeallach dhá siubhal nó
bainfidhe leagan as.
"Mara mbí tú aireach ar a' gcarracán sin, bainfear
tuairt asad a mbeidh cuímhne agad uirre."
"Ní raibh sé sáthach aireach, agus bhí a shliocht air: leagadh é, agus cuireadh amach
a rúitín."
"Tá'n giodán céadna chomh h-achrannach, agus narbh fh'lár do dhuine
a bheith rí-aireach, go mbeadh sé amach as."
"Tá sé chomh h-aireach a' siubhal san oidhche, le cut in aice uisce."
"Bí aireach a' dul thar a' gclaidhe i nGarrdha Cháit, ar fhaitcíos go

go dtuitfeadh brúisc dhe ort."

"Fainic nach mbeitheá aireach ar a' muing sin thiar, mar tá scrath-ghlugair in áiteachaí dhe, agus shlugfaidhe teach innte."

"Mara mbí tú an-aireach is na breaclachaí sin, bascfar thú" [féach "breaclac"]

"Bí aireach 'sna creigeannaí sin thíos, nó ní fhágfa na driseachaí aon-liobar leathair ar do chosa."

"Má's leat a bheith slán, bí aireach annsin."

"Sciorr sé, cheal a bheith sáthach aireach a' siubhal ar na leacrachaí."

"'Sé atá aireach a' siubhal."

"Ní mór dhuit a bheith aireach annsin, mar tá sé druidthe le cíocraí agus caoch phuill" (féach "druidthe" agus "cíocraí")

"Ní mór dhuit a bheith fíor aireach ag árdú an strapa sin, mar tá boidhléir mhóra ar forbhás ann" = caithfidh tú 'bheith áirdeallach ag dul suas in aghaidh an strapa sin [féach strapa], mar tá daigéid mhóra cloch ann, agus is furasta leo sciorradh le fánadh.

"Is maith aireach nach mór dhuit a bheith ar a lota sin, mar tá na giarsaí in a min le na cianta" = caithfe tú 'bheith aireach go maith ar an lota sin, mar tá na saltrachaí atá dhá choinneál suas a' lobhadh le fada.

"Ní f'lár dhaoib a bheith aireach sa gcoinnleach sin, faitchíos
na gcoinnlíní a dhul ina gcosa."
"Bí aireach sa dúirling mar tá cuid de na leacracaí an-
bhealtuighthe agus an-tsleamhain ag a' bhfeamuinn lobhtha.

"'Sé atá aireach (nó oll-aireach) air fhéin" = tugann sé
an-aire dhó fhéin; ní bhíonn sé amuigh faoi'n bhfliuchán
ná faoi'n droch-aimsir; ní chuireann sé mórán stróbh
air fhéin ag obair; coinnigheann sé é fhéin clúduighthe
go maith, agus ní dhéanann sé rud a' bith a chuirfeadh as dá
shláinte.
"Tá sé chomh h-aireach sin ar fhéin; agus nach mian leis scaradh leis
a' teínnteán, má tá deoir as aer."

"Tá sé ro-aireach ar fhéin ar fad. Ní túisce
braon imbéal na gaoithe, ná fheicfeas tú rithte isteach
sa teach é"
"Is maith an dícheall do a bhfuil de bhalcaisí air, 'iomchur, tá
sé chomh h-aireach sin air fhéin."
"Tá sé rí-aireach air fhéin. Ní thiubhra sé fuacht ná
deállrú dhó fhéin, nó is cinneamhaint air é"
"Dhá airighe dhá bhfuil sé ar fhéin, tá an slaghdán ina
lionnán aige 'chuile lá sa mbliadhain" = ní fhágann
an slaghdán chor a' bith é, aindeoin go bhfuil sé an-aireach
air fhéin
"Ní mór dhuit a bheith aireach ort féin, go gcaithe tú
an chasacht sin" = go gcuire tú an chasacht sin díot.
"Bí an-aireach ort fhéin, agus ná déan aon-sclábhuigheacht
go gcaithtear a' fuacht seo."
"Maran leat liostachas fada a bheith ort, bí aireach ort fhéin
go n-imthighe an droch-uair seo."
"Bí aireach ar a' gcois sin agus ná leig mórán de do mheadhchan
uirre, go dtathuighe na cnámha in a chéile aríst"
= bí áirdeallach ar a' gcois, agus ná luigh uirre, nó go
snadhma na cnámha briste aríst.

"Bí aireach ar a' leabhar sin. Má fheiceann sé báll dóga ná loiscthe uirre, ná a dhath salachair, beidh sé le buile liom." = tabhair aire mhaith dhi etc.

"Bí aireach ar a' gculaith sin anois, mar is fada aríst go sroiche culaith eile dhuit" = tabhair aire don chulaith éadaigh sin anois, mar is fada aríst go bhféadfar culaith eile a fhaghail le t'aghaidh.

"Ní mór (dh)uit a bheith aireach ar a' bplúr sin anois, mar caithfear an mhí a bhaint as." = caithfe tú a bheith barrainneach leis, i riocht's go seasfa sé dhúinn go gcaithtear an mhí.

"Bígidh aireach ar a' nglaicín mhóna sin, arae níl aon-duine le dhul ag iarraidh uala' eile go maidin." = deanaighidh réidhteach leis a' méid móna atá ann, i riocht's a's go seasfa sí go maidin, agus annsin beidh duine ann le dhul ag iarraidh uala' eile.

"Bí aireach anois ar na cupla scilling atá agad, mar caithfe tú a theacht leo(b) go h-Aoine" = bí barrainneach i mbun an bheagáin airgid atá agad, arae ní bhfuighe tú aon-cheo eile go h-Aoine."

"Bí aireach ar a' stuipéad tobac sin anois, mar caithfe
tú 'deanamh leis go dtí seachtmhain ó indiu(bh) aríst"
[féach "stuipéad"]
"Mara mbí tú aireach thairis sin ar do chuid síl planndaí,
agus gan a bheith dhá roínnt ar dhaoine, is tú fhéin a bheidheas
ar deire ar ball"

"Tá'n madadh sin an-aireach" = d'aireochadh sé torann dá
laghad; bíonn cluas-le-éisteacht air i gcomhnuidhe:
"Marach chomh h-aireach agus a bhí an madadh, bheidís in mo
mhullach gan aireachtáil."
"Níl an madadh sin aireach chor a' bith tímcheall tighe 'san
oidhche."
"Caithfe mé madadh aireach a fhaghail, dhá dteighinn go Cúige
Uladh ina choinne."

Sóighmhín earrach (sáimhín aireach — oighreach — féach Foclóir an Duinnínigh
l. 932) = léas a thóigfidhe ort agus tú a' marcuigheacht nó a
leithide.
"Tá sóighmhín earrach air, de bharr a' chapaill"
"Mura dtuga tú aire dhuit ar a' diallaid sin, fágfa sí
sóighmhín aireach ort" = tá sí chomh géar agus go dtóigfe sí léas
in do bhléin nó ar do mhásaí.

Aireachas (faireachas?) = áirdeall, faire.

"Tá aireachas chruadh ghéar orm, faoi dhul amach 'san oidhche" (líne as "An Sceilpín Droigheanaigh") = tá áirdeall nó faire orm ar fhaitchios go dtiocfainn amach san oidhche.

"Tá aireachas ar a chuid móna aige imbliadhna, agus dheamhan a' mór dhó sin, agus a 'bhfuil de chneamhairí a' forcabhás uirre."

"Tá aireachas mhaith aige ar a' gcladach le goirid" = bíonn sé 'san airdeall ar fheamuinn a cuirfidhe isteach, le go n-eireochadh a chion leis di.

"Tá aireachas ar an inghin ar an aimsir seo, mar chuala an t-athair a's an mháthair, go raibh sí ag céilidhe ingan-fhios dóib, tá coicís ó shoin ann."

"Is deacair di a dhul in aon-áit leis an aireachas atá uirre"

"Tá'n oiread aireachais aige ar a' mbean sin, a's dá mbadh í Hélen le'r scriosadh a' Traoi fadó í."

"Dheamhan aithne air, nach í 'spéir na gréine' aige í, leis an aireachas atá aige uirre!" = shílfeá gur rug sí buaidh ar áille, leis an áirdeall atá aige uirre.

"Is deacair dhó mórán a dheanamh ingan fhios, leis an aireachas atá ag an athair air."

"Dhá mhéad aireachais dhá bhfuil air, baineann sé braon as ingan fhios ina dhiaidh sin" = dhá mhéad an t-áirdeall atá air, ólann sé braonachaí ingan-fhios, aindeoin sin.

"Is beag a' mhaith dhóib, cé'n t-aireachas a choinneochas siad air, déanfa sé'n míllteanas in a dhiaidh sin."

"Dhá gcaithinn a' lá ag aireachas ar an asal sin, thiocfadh sé imbradghail ina dhiaidh sin" = thiocfadh sé ar chuid na comharsan de mo bhuidheachas.

"Chaith mé an lá ag aireachas air, agus d'éaluigh sé uaim
ina dhiaidh sin a's uiliog" (i.e a's uile).
"Is maith an cheird dhom a bheith ag aireachas air" = níor mhór
dhom a' t-am ar fad agus gan tada eile a dheanamh, ach
'san áirdeall air.
"Tá aireachas ghéar ag na gárdaí air, ó d'eirigh sin suas thiar
annsin" (i.e. ó thárluigh an rud sin thiar annsin thiar)
"Ní mór dhuit aireachas a choinneál ar do chuid caorach, fharrus iad a
bheith 'déanamh plaicín gabhair de mo cheapaichín phlanndaí" =
caithfe tú 'bheith san áirdeall ar do chuid caorach, agus
gan iad a leigean i mbradghail in mo ghoirtín planndaí, mar
tá ciseach déanta aca(b) de.
"Is mór, mór an náire dhuit é, nach mbíonn aireachas agad
thairis sin, ar do chuid gamhna, agus gan cead scuir a thabhairt
dóib ar fud na tíre" = is mór an náire dhuit é, nach mbíonn
áirdeall agad ar do chuid gamhna, agus gan iad a bheith
imthighthe ar a gcomhairle fhéin ar fud na tíre.

"B'fhéidir go mbeadh aireachas agad ar do chuid caorach, má bhíonn ort a dhul (ch)uig an ngarrdha gabhann in a gcoinne"

"Beidh siad gan aireachas agad, go mbeire na póilíos orra(b)."

"Bí san aireachas air, faitchíos go mbuailfeadh sé an gasúr sin."

"Mara mbí tú 'san aireachas air, déanfa sé mísc ort."

"Tá sé chomh h-ámhuilleach sin, agus nar mhór de dhuine a bheith 'san aireachas air igcomhnuidhe."

"Is maith nach mór dhuit a bheith san aireachas air, nó 'sin é an ceann céadna a imreochas ort."

"Th'éis a raibh d'aireachas agam air, d'árduigh sé leis orm é, in a dheidh sin."

"Níor mhór dhuit a bheith gróigthe ar an gclaidhe, ag aireachas ar na

gabhair sin, agus ní choinne(ochth)á sáinnighthe iad 'na dhiaidh sin, th'éis do dhichill."

"Tá gothadh na cneamhaireachta ar an asal sin. Ní mór dhaoib fanacht ag aireachas air, nó tiocfa sé thar claidhe"

"Bí 'san aireachas air go bhfeice tú cá dtiocfa sé."

"Déan aireachas maith ar na beithidhigh sin go trathnona, agus ná leig imbradghail iad, ar a bhfaca tú ariamh."

"Badh é an rud ba lugha dhaoib aireachas a dhéanamh ar na capaill, agus gan iad a leigean sa bhféar."

"'Tuige nach ndearna tú aireachas ar an asal, thárla nach raibh tada eile ar t'aire."

"Dhá n-imthighinn go minic, ní bheadh mórán aireachais ar thada in mo dhiaidh."

"Punann bhradach í sin, nach ndéanfadh aireachas ar aon-cheo."

= bean mhór mhío-stuama, leisceamail, nach mbeadh san áirdeall ar aon cheo.

"Dhá mbeadh aon-aireachas agaibh ar a' teach, ní béal in áirde a bheadh sé ar theacht dom."

"D'fhága mé 'tabhairt aire do'n teach í, ach is beag an aireachas a bhí aice air."

"Is fada aríst go bhfága mise ag aireachas ar thada, an tuaifisc sin. Bhí cis ar asair déanta de'n fhéar ag na beithidhigh romham, dhá bárr."

"Bí 'san aireachas ar na fataí sin, agus tóg iad, nuair a bhéas siad cnag-bhruithte"

"'Furast' aithne gurb beag an aireachas a bhí agad ar na turnapaí. Dhá mbeadh, ní fágfá a' bruith iad, go raibh siad ina bpráib."

"Choinnigh Cod aireachas orra ó chuadar isteach sa mbád fada" (= féach "Loinnir Mac Leabhair" — l. 127.

"Bí ar t'aireachas féin anois; ní bheadh fhios agad cé'n puínnte a mbuailfeadh sé thú" = fainic; bí san áirdeall air, mar bhuailfeadh sé thú gan aireachtáil.

"Ní mór dhuit a bheith ar t'aireachas féin feasta, faitchíos Thaidhg. Tá sé bruithte ar bhainne aige dhuit."

"Caithfe mé 'bheith ar m'aireachas féin níos mó air, mar chuala mé go raibh sé geállta aige dhom, an chéad áit a bhfuigheadh sé deis orm." = caithfe mé bheith 'san áirdeall orm féin feasta, mar tá sé geallta aige, go mbuailfe sé mé, ach é 'fághail deis' orm.

"Fainic, nach mbeitheá ar t'aireachas féin go maith ar siúd, mar 'sé ubhall na h-aithne é, agus é spadhartha."

"Ní raibh sé ar 'aireachas féin, nuair a thug sé an buille speirthe (r leathan) dhó." = bhuail sé go fealltach é, agus gan aon-tsúil aige leis.

"Duine ar bith a gheobhfas sé faoi na neart, ní f'lár dhó, 'bheith ar 'aireachas fhéin air." = duine ar bith 'aireochas sé níos laige ná é, níor mhór do'n duine sin, aire mhaith a thabhairt dó fhéin air.

"Bí ar t'aireachas fhéin, ar mhadraí an bhaile sin thiar. Tá siad droch-(mh)úinte."

"Má's leat a dhul (ch)uig an gcéilidhe anocht, is maith nach mór dhuit a bheith ar t'aireachas féin, má chastar aon-duine d'amhuis Chonamara aniar ann."

"Tá marbhú na gcéadta ar a láimh sin. Bí ar t'aireachas fhéin uirre."

"Ní mór dhó a bheith ar aireachas fhéin go maith — tá marbhú duine ar chuile dhuine dhá mbeidh ag an mbainis sin anocht."

"Seachain nach mbeitheá ar t'aireachas fhéin ag an gcros-bhóthar. Ní bheidh mac na scine annsin, gan ráibéad cloiche ina phóca, nó miodach igcúl a ghlaice."

"Ó thug tú do shlainte leat as, b'fhéidir go gcuirfeadh sin ar t'aireachas thú aríst faoi na bólaí sin" = ó tháinic tú slán as, b'fhéidir go gcomhairleochadh sin aríst thú faoi'n áit sin.

"Beidh tú ar t'aireachas fhéin ann, an chéad uair eile, mise imbannaí!"

"Bí ar t'aireachas fhéin mar tá an diabhal a's a mháthair ar do thí" = ní mór dhuit a bheith san áirdeall go maith, mar tá go leor daoine in do dhiaidh go bhfagha siad deis ort le do chriogadh.

"Is maith atá sé 'san aireachas ar fhéin agus ní mór dhó" = mara mbí sé 'san áirdeall ar fhéin go maith, béarfar thall air; criogfar é etc.

"Dhá fheabhas, dhá mbeidh sé 'san aireachas ar fhéin, is maith a chruthóchas sé, nó tiubharfaidhear faoi na forraidhe (fabhraí) dhó é, uair eicínt."

"Is ait uaidh aireachas a dheanamh" = tá sé go maith a' faire ruda.

"Níl aon-fhear aireachais le fághail inchínnte air" = tá sé an-áirdeallach amach a's amach, agus go toghtha a' déanamh faire.

"Bí san aireachas ar fhear a' phosta, agus ar an dá luath a's a maolócha sé Cloch a' Tortáin anoir, leig fead ghlaice orm."

"Ní fiú trumpa gan teanga thú ag aireachas ar thada. Dubhairt mé leat na fataí a thógáil chomh luath a's d'aireochthá a' cnagadh iad, ach in a leaba sin d'fhága tú 'bruith iad, go raibh siad in a mionnamhas."

"Mara bhfuil sé de rún agad aireachas a dheanamh orra(b) (ar na beithidhigh) eirigh asta(b), agus déanfa duine eicínt eile é"

"Dheamhan aireachas a dhéanfadh sé sin orra(b) ná cuid d'aireachas"

"Cuirfe mé ar t'aireachas thú má fheicim tada a' teacht" =

= cuirfe mé ar t'áirdeall fhéin thú, má fheicim tada

a' teacht.

"Chuir sé ar m'aireachas mé ar na póilíos."

"Ní chuirfe mise ar an aireachas é, mar is beag an áirde

a thiubhradh sé orm."

"Cuireadh a' té is córa dhó, ar an aireachas é" = an té a bhfuil

sé dlighte dhó, é chuir ar an áirdeall, déanadh sé é.

"Sé'n chás amháin é a chuir ar an aireachas nó gan a chur. Ní éistfe

sé le aon-duine atá ar mhaith leis."

Aireachtáil = [ainm-fhocal … cuid de'n briathar "airighim", an t-ainm-bhriathar de. Féach "airighim" le h-aghaidh somplaí dhe sin]

Aireachtáil = cloisteáil, mothú; tabhairt faoi deara.

"'Tháinic sé isteach as faltanas, (i.e. madadh)
Maidin a's í gléas a briocfasta
agus sciob sé an ceann gan aireachtáil
de mháthair a' dáreag bhoicht"
[Sliocht as "Sicíní Bhrighid Éamoinn" — amhrán a rinneadh faoi Ghnó Mhór]

"Tháinic sé isteach gan aireachtáil orainn" = níor airigh muid ná níor chuala muid a' teacht é.

"Tháinic sé isteach sa teach gan aireachtáil, de shiubhal oidhche, agus d'árduigh sé leis a shean-eire beatha"

"Tá siubhal chomh mion aige, agus go dtiocfadh sé ort gan aireachtáil" [féach "mion"]

"D'éaluigh sé orm gan aireachtáil, agus thug sé fadhb de'n fhás dhom" = tháinic sé orm ingan-fhios agus thug sé a shean-bhuille de'n mhaide fuinnseoige dhom.

"Bhuail sé a shean-dorna gan aireachtáil ar cheangal a' ghéill orm." = bhuail sé chomh maith a's bhí sé indon mé dhá dhorna ar chnámh snadhmtha an ghéill.

"Seo(mh) isteach é, gan aireachtáil idir chlár agus chuinneog chugainn."

= tháinic sé isteach chugainn é ina chruth agus ina dheallradh gan muid dhá chloisteáil ná dhá fheiceál go dtáinic sé thar a' dorus isteach.

"Tháinic sé fúm gan aireachtáil a' bith, agus shín sé ar shlatrachaí mo dhroma mé d'aon-iarraidh."

"Marach gur áitigh sé mé gan aireachtáil, thabharfainn fuighleach le déanamh dhó." = marach gur ionnsuigh sé mé gan aon-tsúil agam leis, dhéanfainn seasamh maith in aghaidh.

"Aindeoin gur ionnsuigh sé mé gan aireachtáil, ní raibh tada le reic aige, nuair a bhí sé réidh liom" [féach "reic".]

"Sin é 'fhaisean sin 'chuile lá ariamh — duine ionnsuighe gan aireachtáil."

"D'ionnsuigh sé mé de gort a' gharta gan aireachtáil a' bith, ach má chuaidh leis, bíodh aige." = d'ionnsuigh sé mé d'aon-iarraidh, gan súil a' bith agam leis, ach dhó fhéin ba mheasa é, as a dheire.

"Thug sé farradh faoi gan aireachtáil, agus bhuail sé ar a bhéal a's ar fhiacla amuigh faoi'n tsráid é."

"Deir siad go raibh scian igcúl a ghlaice aige, agus gur sháith sé é, gan aireachtáil."

"Bhuail sé de chloich é, gan aireachtáil."

"Théaltuigh sé aníos leis a' móta, gan aireachtáil agus chuir sé cluais air fhéin leis a' gclaidhe, go gcloiseadh sé an seanchus."

"Fhobair dhó bás 'fhaghail gan aireachtáil" = is beag nar bhásuigh sé ingan-fhios.

"Bhuail a' doigh imbéal mo chléibh mé gan aireachtáil a' bith." = tháinic pian imbéal mo chléibh orm, gan aon-donacht orm roimhe sin.

"Buaileann a' bás duine gan aireachtáil."

"Buaileann a' slaghdán duine gan aireachtáil."

"Tagann tinneas de'n tsórt sin gan aon-aireachtáil."

"A' tarraingt aniar ar árd Iothlainn Sheumais dom, bhuail a' t-ocras céadtach mé gan aon-aireachtáil, agus fhobair dhom tuitim imbun mo chos" = tháinic sé de phlimp, agus gan aon-ughdar aige.

"Gan aireachtáil a' bith, cé bhuailfeadh anoir chugainn Dia Domhnaigh ach é."

"Buaileadh lubhthar (lobhthachar?) eicínt gan aireachtáil isteach sa mbéal orm as dorus tighe ar a' mBalla Fada."

"Fhobair go ndeacha sé ingeallta, nuair a buaileadh
miarthóg (méaróg) gan aireachtáil, air."
"Tháinic dúbhruadhach dárach ar a' mbó gan aireachtáil,
agus ní raibh mac na sceiche ann a sheolfadh ag an tarbh í."
"Tháinic mé isteach gan aireachtáil orrab agus toit bháirnigh dhá
róstadh aca(b)."
"Tháinic mé faoi'n dorus gan aireachtáil, agus dheamhan bréag nach
breagh an strionncán de phort a bhí Micilín a chasadh"
"D'ól sé a raibh de bhainne in íochtar a drisiúir, gan aireachtáil"
"Ghoid sé a raibh a' gabhail liom, gan aireachtáil" = "ghoid sé 'chuile
mhíle pighinn dá raibh agam ingan-fhios."
"Amach san oidhche, d'imthigh sé gan aireachtáil, agus d'árduigh sé leis,
a raibh de phighneachaí beaga sa sparán" = d'imthigh sé
deireannach san oidhche, ingan fhios do chuile dhuine, agus thug
sé leis, pé'r bith beagán airgid a fuair sé sa sparán.
"Síneadh ar a' leic mé gan aireachtáil, agus chuir mé cnapán
mo ghlúnach as áit."
"Níl aon-aireachtáil aige, ar thinneas" = ní mhothuigheann sé tinneas;
ní ghoilleann tinneas air.
"Níl aon aireachtáil aige ar theas", (ar fuacht etc) = tá acfuinn
teasa, fuaicht etc aige.
"'Bhfuil aon-aireachtáil ar a' bhfuacht agad?" = a' n-airigheann
tú (an mothuigheann tú?) an fuacht?
"Is beag an aireachtáil atá aige ar a' teas" = ní airigheann sé
an teas mórán.
"Dhá mbeadh aireachtáil agad air (ar a' tinneas), bheadh athrú scéil agad."

Aireamhail = aidiacht. (ní feasach mé aon-ainm-fhocal a fhreagruigheas dó).
= go maith; so-leasuighthe; domhain; briosc a's go feilmheanach i gcomhair
cuir. [Níor chuala mé aon-leas dhá bhaint as, ach i dtaobh talmhana].

"Talamh maith aireamhail é." "Aon-ghiodán talmhana dhá bhfuil
aireamhail chor a' bith ar a' mbaile, ná 'bhfuil aon-mhaith ann, is
aige atá sé." "Sé'n t-aon-gharrdha aireamhail é atá a' gabhail
liom." "Tá'n talamh atá le íochtar aireamhail go maith, ach
ní fiú do sheacht mallacht na breaclachaí atá imbarr a'
bhaile." "D'eireochadh dó (do thalamh áithrid a bhí igceist) barr maith
a bheith air: tá sé aireamhail a's domhain, a's fuair sé bliadhain
mhaith." "Is mór a' t-íongnadh nach bhfuil barrann níos fhearr
ar a' ngiodán sin. Shílfeá gurb é an spota is aireamhla
'sa bpáirc é. Ach bhí an bhliadhain ro-fhliuch." "M'anam nach hí
an chreafóg aireamhail is fhearr a raibh barr uirre imbliadhna
chor a' bith. Nuair a bhí mé a' cur sa bPáircín Árd annsin
thuas, bhí na buird dóighte innte, a's dar príosta is ait
na fataí a bhí innte in a dheidh sin." "Má bhí an talamh
aireamhail fhéin, ba deacair d'aon-chur a bheith air, scáth a
ndeacha de leasú air." "Ba talamh an-aireamhail é an
giodán sin, ach tá sé marbhuighthe aige le feamuinn dearg,
nuair nach gcuireann sé leasú a' bith eile air, in a
h-aice. Ídigheann an iomarca de'n fheamuinn dearg sin
a' talamh uileag. Dóigheann sí é." "Siúd é an
áit a bhfuil an chreafóg atá aireamhail. Dhéanfad
sí sprus in do ghlaic, mar ghaine(amh) trágha. Ach
is beag a' t-iongnadh sin. Nachar dheir siad gurab é
an talamh is fhearr in Éirinn é." "Má chuireann siad
'duana' (guano) air sin anois, is mó a mhíllfeas
siad ná a leasóchas siad faoi'n talamh. Beidh sé
sin sáthach aireamhail, go ceann deich mbliadhna fós
d'uireasbha aon-leasú. Ach tuige nach mbeadh. Dheamhan
deargadh a rinneadh ar a' talamh sin, tá mé 'ceapadh ó
aimsir Chromail, hébrí cá'id'ó 'bhí sé ann."

Áirge (airgeamhail, áirgí)

Áirge = (i) éadáil, maith, leas. (2) deis, áirnéis, eallach, cuid agus maoin agus teoluidheacht, spré. (iii) límistéar, réidhteach, méid.

Áirge = (i) éadáil, fághaltas, maith, leas (Cois-Fhairrge, Conamara).
"Ní mórán áirge dhom é sin" = ní racha sé 'un sochair dhom; ní thiocfa sé 'un tosaigh ná 'un tairbhe dhom; ní éadáil ar bith dhom é.
"Ní áirge mhór dhom, thusa a bheith ag imtheacht ag uallfairt timcheall mo thighe, do mo choinneál ó chodladh. [Is ionann an chiall seo agus "asset" i mBéarla].
"Dhá mbadh áirge mhór é an sean-chóta céadna, ní liomsa a d'eireochadh sé." "Ní mórán áirge do'n tír é sin a bheith ar ais aríst innte" = droch-dhuine; duine achrannach, mioscasach.
"Is beag an áirge an fheamuinn chéadna, agus a bhfaightear dhá h-anró."
"Ní fiú a leath-oiread dhá anró a fhaghail, agus luighead an áirge é, faoi dheire thiar."
"Is daor a' spóilín é, agus dheamhan mórán áirge é."
"Ní áirge mhór an fhoghluim gan a' t-airgead."
"Is olc an áirge (ailím, éadáil, earradh) an poitín céadna."
"Is suarach an áirge dhúinn a bheith taobh le 'dole', agus chomh daor a's tá chuile rud."
"Is dona an áirge do dhuine a bheith amuigh faoi fhliuchán mar sin, 'chuile ré soluis."
"Dhá mbadh áirge mhór é, ní bheadh a leath oiread fonn orra(b) é roínnt le na daoine."
"Má thugann tú leat é siúd (i.e fiabhras) in do chrioslaigh, is maith an áirge a bheidheas agad a' teacht 'un a tighe."

Áirge = (ii) deis, áirnéis, eallach, cuid agus maoin a's teoluidheacht, spré urnálacht.
"Tá áirgí aige" = "'airgead, beithidhigh, deis agus chuile shórt dhá bhfeilfe dhó'"
"Is mór a' lear áirgí atá timcheall a thighe" = croithe, "seideanna" etc.
"Tá chuile áirge aige, dhá bhfeilfe dhó" = sciobóil, teach urnáilte etc.
"Ní cheal áirgí atá air"
"Nuair a bheidheas an áitiú (= áitreabh) siúd réidh, beidh teach a's áirgí aige."

Áirge = spré, áithrid.

"Ní bhfuair sí áirge a' bith ar phósadh dhi." = spré, beithidhigh etc.

"Thug sí sin áirge mhór isteach 'sa teach sin, nuair a phós sí é sin"

"Is beag an áirge atá le faghail ag an gcréatúr."

"Má tá'n áirge agad, feicfe tú féin air, go bhfuighe tú fear."

[Ciall a (ii) a bhíos le áirge, áirgí igCois-Fhairrge, ach ní mar sin baileach atá sé ag Tomás Ó Máille. Ciall a (iii) bhíos aige leis. Ach b'amhla bhí sé ag Rafteri: "Le siséal glan a's plána a chríochnuigheann sé gach áirge, ceapann sé gach adhmad le báid a chuir 'un seoil." Seán Conróidh Amhráin Rafteri, l. 68. 'Sé ciall a (iii) 'bhíos freisin leis ar an Achréidh in Gaillimh.]

"Tá áirge mhór sa teach sin" = límistéar nó réidhteach mór istigh ann (Achréidh)

"Teach gan áirge mhór a' bith é" = gan mórán limistéir.

"Nuair a bheidheas sé réidh amach aige, beidh áirge mhór ann."

"Níl fharrus sin d'áirge ann" = níl mórán limistéir ann.

"Ní mór do'n chisteanach a bhfuil d'áirge innte" = a méid.

"Tiocfa sí le 'bhfuil d'áirge innte anois"

"Tá áirge mhór 'sna sciobóil aige" = limistéar méid.

"Ní rabh fhios agam ariamh go dtí sin, go raibh an teach a laghad áirge" = níor thuig mé go dtí sin go raibh sé chomh cumhang.

"Tá dalladh airge ann dúinne.

Áirgeamhail = (i) deiseamhail, urnáilte, gléasta, déanta suas; stoc, cuid agus maoin agus rud a bheith ag duine. (Cois-Fhairrge). (ii) fairsing, límistéar a bheith faoi (an t-Achréidh — Tomás Ó Máille).

(i) "Tá teach áirgeamhail aige" = neart troscáin ann; é go breagh mór agus urnáilte, agus áirgí a bheith taobh amuigh leis (i.e. croithe, sciobóil etc).

"Sé'n teach is áirgeamhla sa tír seo anois é."

"Ach a mbí an fuireann nuadh istigh aige, is áirgeamhail a' teach a bheidheas aige" [féach fuireann].

"Tá áitiú aige chomh h-áirgeamhail a's d'fheicfeá in do shiubhal lae."

"Níl easba tada air — tá teach áirgeamhail aige."

"Ní raibh an teach siúd chomh h-áirgeamhail ná baol air, fadó."

"Duine áirgeamhail" = "duine saidhbhir, 'bhfuil chuile shórt aige theastuighea(nn)s uaidh" (i.e airgead, deis, maoin, eallach etc)

"Duine áirgeamhail é T. Mh."

"Níl áirge a' bith 'gul uaidh" = "tá sé an-áirgeamhail."

áirge (áirgeamhail) = (ii) fairsing, limistéar a bheith faoi.

"Teach áirgeamhail é tigh Mh. F."

"Beidh tigh J. an-áirgeamhail, ach a mbí sé réidh."

"Ní shílfeá go mbeadh sé leath chomh h-áirgeamhail a's tá sé go dteightheá isteach ann = fairsing.

"Tá an - chisteanach sáthach áirgeamhail — ro-áirgeamhail — leig sé iomarca léithe, agus fágann sin, na seomraí eile ro-chumhang."

"'Mara 'ndéana tú níos áirgeamhla ná sin é' arsa mise leis, 'is fearr dhuit fanacht sa teach a bhfuil tú'."

"Dhá áirgeamhla é, ní mór dhó é, agus a bhfuil acu ann."

"Achréidh áirgeamhail" (Féach l. 154 "In Aimsir Emmet" — Colm Ó Gaora)

"Tá potaí na mballach níos leithne sa mbearrach, a's níos áirgeamhla idir béal an bhearraigh a's tóin an phota, arae ní mór do'n bhallach bealach níos leithne ná an gliomach le dhul síos."

(l. 14. Obair is Luadhainn — Colm Ó Gaora).

Airidhe? (oirrí?) = go leor; mór-chuid; an t-uathbhás.

"Bhí daoine na h-airidhe ann" = go leor daoine; an saoghal bruighineach

"Tá airgead na h-airidhe aige sin, má's fíor" = go barr bachall; in

a chocaí beaga.

"Dhá mbeadh póilíos 'na h-airidhe ann, dhéanfadh sé siúd, an

braon cruadh.

"Tá báisteach na h-airidhe caithte aige le seachtmhain."

[focal an-choitciannta i gCois-Fhairrge é]

Airighim (airigheann sé, d'airigh, aireocha, d'aireochadh, aireachtáil

etc.)

Airigh = (1) mothú ionnat fhéin, tinneas, fuacht etc.

(2) torann nó rud a chloisteáil

(3) scéal nó tuairisc a chloisteáil (is rí-annamh an chiall seo

leis i gConamara, ach chloisfeá ag corr-dhuine é)

(4) rud a fhaghail amach

(5) easba nó a uireasbha a mhothachtáil

- is ionann's gur mar a chéile (4) agus (5)

Airigh = (i) mothú

"Airighim fuar é" = mothuighim fuar é; tá fuacht orm.

"Maran orm fhéin atá sé airighim fuar é"

"Is beag a' dochar dhuit é 'aireachtáil fuar, agus laghad a' chlúdadh atá ort." = "is suarach a' t-iongnadh go n-airigheann tú fuar é, agus gan mórán éadaigh ort."

"Caithfe sé go bhfuil sé 'cur sheaca as ucht, mar airighim an-fhuar é."

"Níor airigh mé aon-oidhche ariamh, chomh fuar leis an oidhche aréir. Chaith mé ó oidhche go maidin a deasú an éadaigh fúm agus tharm, agus shíl mé go bpréach(f)aidhe mé in a dheidh sin."

"Má airigheann tú fuar é, cuirfe mé tuille éadaigh thart" = cuirfe mé tuille éadaigh ort ar a' leaba.

"Ní milleán duit é 'aireachtáil fuar, scáth 'bhfuil fút agus thart" (ar a' leaba).

"Níl fhios agam beirthe, tuige a n-airighim chomh fuar é, maran fraighfhliuchas atá san éadach leapthan."

"Airighim a' fuacht céadtach. De dhruim sneachta atá an ghaoth adtuaidh sin ag eirghe in áit eicínt."

"Airighim fuaraidheacht eicínt air, (ar an aimsir), indiu, maran tuairt shneachta a chaithfeas sé."

"Airighim an farradh sin do mo tholladh" = airighim
gaimh na gaoithe sin ag dul thríom.
"Airighim maidí seaca le mo dhruím. Tá sé 'sioc thar
cíonn."
"Níor airigh mé a leithide d'fhuacht ó ruga(dh) mé agus d'airigh mé
aréir" (níl an d séimhighthe le cloisteáil, ach an-lag ar
fad in "rugadh" agus "mé" ina dhiaidh)
"Dhá mbeadh sé a' séideadh dubh-(gh)-oidhir, ní aireochadh
sé sin a dhath fuaicht."
"Má airigheann sé an fuacht, dheamhan mórán dhá aithne air."
"Ní aireochadh sé sin é (an sioc), dhá dteigheadh sé thrídh
chlár daraighe."
"Dheamhan ceo aireachtál' aige ar a' bhfuacht."
"A' n-airigheann tú an fuacht (a' sioc, a' sneachta, an
báisteach)" adéarfa le duine a chasfaidhe ort agus ceachtar de
na síonta sin ann.
"Ab in é a bhfuil d'aireachtáil agad ar a' bhfuacht" (ar a'
sioc, etc) adéarfá le duine nach mbeadh a' cur
aon tsuime 'sna síonta sin, nó pé'r bith cé'n tsíon
aca(b) a bheadh ann.
"An airigheann tú an teas" (an teasbach, an ghrian)
"Airighim meirbh é."
"D'airigh mé an-teas indé."
"Ní airighim go bhfuil an aimsir bhreagh chor a' bith ann,
le na bhfuair mé d'fhuacht ar bhóthar bhol 'uisce, an
t-Earrach seo (chuaidh) bhart (thart)."

"An airigheann tú an teas a' priocadh leat?"

"Níor airigh tú an teas a' dul faoi'n gcraiceann fós agad."

= níor theang(mh)uigh an teas leat, mar is ceart fós.

"Ach a' n-airighe tú teas an Mí Mheadhoin ag dul faoi'n gcraiceann agad, tiocfa an cóta mór anuas" (caithfe tú dhíot é.)

"Ní aireochadh sé aon-teas, dhá mbeadh a' fiadhach dubh 'cur a theanga amach, pé'r bith cé'n sórt scruit é thar dhuine 'bith."

"Is deacair leis a' teas a aireachtáil"

"Is éasca leis a' teas a aireachtáil etc.

"'Ní airigheann súbhach sáthach ansógh an ocrais'" (sean-fhocal.)

"Tá sé luath agad aon-ocras 'aireachtáil fós, agus a ghoirdeacht a's ó d'eirigh tú ó do bhéilí."

"D'airigh mé meirbhthean a' teacht orm fhéin, agus d'eirigh mé leis an áit amuigh a thabhairt orm féin."

"Airighim lagar do mo bhualadh, 'chuile uair dhá ndéanaim geábh a' bith siubhail"

"Cá n-airigheann tú an phian?"

"Ní airigheann sé pian ná tinneas, agus níl sé ar foghnamh ina dheidh sin"

"Níl mé ag aireachtáil (níl mé do m'aireachtáil féin; ní airighim mé fhéin) ar foghnamh (go maith, ar mo chóir fhéin etc) le fada" = tá rud eicínt a' gabhail dom le fada.

"Cé'n chaoi' n-airigheann tú thú fhéin anois."

"Airighim ualach imbéal mo chléibh."

"D'airigh sí arraing in a taobh"

"D'airigh sé doigh 'teacht in a bholg, agus cuir sé fios ar bhraoinín braindí, le cúl a chuir uirre."

"Is fadó nar airigh mé aon-tslaghdán, ní a' tabhairt gotha air é" (féach "gothadh")

"Is fada cheana, nar airigh mé aon-fhuadach, faoi mo chroidhe."

"Is maith an scathamh anois, nar airigh mé aon-doigh (fhiacal), míle buidheachas le Dia."

"An airigheann tú aon bhiseach ort fhéin."

"An airigheann tú aon árdú" = aon-donacht.

"Cá n-airigheann tú an donacht?"

"Cá'id'ó d'airigh tú an donacht ort féin é"

"An airigheann tú maith 'bith ort fhéin, ó bhí an dochtúr agad."

"Cé'n ball de do chois a n-airigheann tú an t-óthras" (= tinneas)

"Airighim maith mhór orm fhéin le cupla lá, marab é buidéal a' dochtúra a rinne dhom é."

"Ní mó ná go n-airighim go maith fós" = is ar éigin atá biseach (ch)ugham fós.

"An airigheann tú snadhmthach beag a' bith fút féin" = an airigheann tú 'teacht agad fhéin thú; an airigheann tú borradh fút féin (nó bheadh ciall gháirseamhail leis freisin)

"An airigheann sé traoitheadh a' bith ag an at."

"Cá n-airigheann sé an fabht?"

"Cá n-airigheann tú gabhail duit é?" (tinneas)

"Airighim iasc beo a' léimneach in mo chois" (féach "iasc")

"Cé'n chaoi a n-airigheann tú é?" = cé'n chaoi 'bhfuil a' tinneas ag gabhail duit (pian, lagar nó eile)

"Níor airigh mé blas de, go dtí árd-trathnóna indé"

"Níor airigh sé a dhath, gur bhuail sé d'aon-iarraidh é."

"Is beag 'aireochas tú, nach n-éagnócha tú" adéar(f)aidhe le páiste a bhíos a' fuasaoid tinnis i gcomhnuidhe.

"D'airigh mé aistighil eicínt a' teacht air le scathamh" = thug mé faoi deara go ndeacha sé 'un aistighle le píosa anuas.

"Níor airigh duine 'bith an saobhchan dhá bhualadh, bhuail sé é chomh tobann sin."

"Ní airigheann tú (ch)ugad fhéin ó'n slaghdán fós."

"Airighim an bhróig seo do mo phianadh"

"Airighim tairnge a' dul in mo chois."

"D'airigh mé corr (cabhar adeirtear) na diallaide a' tógáil saimhín earrach orm" (féach aire).

"D'airigh mé driogannaí agus drithlíní ag dul thríom idir fheoil a's leathar, nuair a thug mé faoi deara an sonnda rómham" = d'airigh mé an-fhaitchios ag teacht orm fhéin nuair a chonnaic mé an toirt romham" (féach "driog", "drithlín", "sonnda").

"D'airigh mé gruaig mo chínn a' seasamh ina slatachaí agus bhí na báithtí alluis liom" = duine a raibh faitchíos air, tháinic colg ar a chuid gruaige, agus bhí an t-allus síos leis.

"D'airigh mé an braon a bhí i ladhaircín mo choise ag dul i bpoll mo chluaise, leis an olc a bhuail mé."

"D'airigh mé fonn uarlacain (urlacain = múisc) a' teacht orm, agus théaltuigh mé liom amach."

"D'airigh mé tonn-taoscach (múisc) a' teacht orm, igcead do'n chomhluadar, agus leig mé liom féin ar an tsráid."

"Níor airigh mé chomh tugtha anuas mé féin ariamh, agus tá mé le cupla mí" = mothuighim go bhfuil mé imthighthe ar an uisce bruithte ("run down")

"Airighim mé fhéin a' tabhairt uaim go mór" = mothuighim mé fhéin ag imteacht as. = "airighim mé féin do mo ghoid as."

"Airighim mé fhéin chomh séidthe sin a's go bhfuil mé igcruth pléasctha" ("séidthe = athta le donacht; freisin, gan puth de t'anáil a bheith agad)

"Airighim rae-roilleacán in mo chloigeann."

"Pé'r bith cé'n maith a airighim orm fhéin, ní airighim donacht a' bith, míle buidheachas le Dia."

"D'airigh mé scáth do mo bhualadh, agus gan fhios agam cé'n t-ughdar."

"D'airigh mé tart taca an dó dhéag, agus tharraing mé ar a' teach ósta, gur ól mé pionta."

"D'airigh mé an t-an-ocras orm fhéin, agus mé taobh le sé pighne."

"Mara n-airigheann tú, ach tart, ní cás duit é."

"D'airigh mé mar bheadh snathadaí dhá sáthadh in mo thaobh, leis a' bpian a bhuail mé."

"Is beag 'aireochas sé siubhal. Tá sé breagh láidir"

"Ní mórán a d'aireochadh do dhruím, an máilín sin a iomchur go dtí an carr dom."

"Ní mórán aireochas tú an méid sin a dhéanamh dhom"

Airigh = (2) torann nó rud a chloisteáil.

"Ar airigh tú aon-urchar aréir?" = ar chuala tú aon-urchar aréir.

"Ar airigh tú an bháisteach (na clocha sneachta, an toirneach,

na h-urchair, na carrannaí, an ghlaodhach, an screadach,

an bhéicghil, an troid, an caoineacháin etc) aréir."

"D'airigh mé troimpléasc eicínt taobh amuigh, agus shíl mé

gurb í an capall a thug a ceann as a' gceangal."

"D'airigh mé fothromán diabhalta, mar bhuail(f)idhe dhá

chlár a' domhain faoi chéile."

"D'airigh mé an choisméig a' teacht faoi'n dorus, agus shíl mé

gurab é Pádraig a bhí ann, a' teacht ó chuairt"

"Níor airigh mé a leithide de ruagán ó rugadh mé"

[Ruagán = torann mór, mar thorann gunna, plump toirnighe nó eile]

"Ní aireochadh sé gunna mór agus caithtí le na chluais sa

leaba í, le neart codlata."

"D'aireochadh sé an biorán beag a thuitfeadh sa domhan

thoir, bíonn na cluasa chomh biorruighthe sin aige."

"Biorruigh do chluasa, agus aireocha tú é, chomh maith

le duine."

"Marar airigh sé mé 'glaodhach air, ní cheal biorrú

ar a chluasa é 'muis."

"Ní aireochadh sé an cuaille cúraic (comhraic) údaidh

a bhuail Céadtach, nar fhága searrach i láir, laogh i mbó

ná páiste i mbroínn 'fhoisceacht seacht míle dhó."

"Maran neamh-áirdeamhail atá sé, níor airigh sé mé a' glaodhach air."

"Chuir mé mo shean-ghlaoidh asam, agus dheamhan ar airigh sé mé in a dheidh sin."

"D'fhuagair mé air seacht n-uaire, ach ní aireochadh sé bunán, tá sé chomh bodhar sin."

"Bhí sé chomh maith dhuit a bheith in do chomhnuidhe, le bheith ag uallfairt air siúd, mar nach n-aireocha sé thú."

"Níor tháinic sibh isteach ingan-fhios dhom aréir, arae d'airigh mé go maith sib."

"Níor leig mé tionnabhar as mo cheann aréir, fé'int a n-aireochainn a' teacht iad, ach dheamhan aireachtáil."

"Seas thíos ar an áill, fé'int a n-aireochthá an carr a' teacht."

"Tá cluais orm le uair, fé'int a n-aireochainn torann cáirr a' bith anoir, ach dheamhan thumanta torann."

"An airigheann tú na fataí 'fiuchadh fós."

"Ar airigh tú rud a' bith ar a' mbóthar a' teacht abhaile dhuit aréir."

"D'airigh sé "an rud" (an taidhbhse, an sunnda, an droch-spioraid)

a' dul de sciotán thairis amach, ach chínn air tada
a fheiceál."
"Tá 'rudaí' le'n aireachtáil ag Droichead na gCnoc adeir
siad." (rudaí = taidhbhsí]
"Dheamhan lá ariamh, nach raibh sé de cháil ar an
áit, go raibh "an rud" (nó'n taidhbhse) le'n aireachtáil
ann.
"Teach sidheamhail é sin. Bhí 'rudaí' len' aireachtáil
ariamh ann."
"Bíonn rudaí le'n aireachtáil ó'n dó-dhéag amach"
"Níor airigh mé tada ariamh, míle buidheachas le dia" = níor
chuala ná ní fhaca mé taidhbhse ariamh.
"Bhí mé amuigh moch a's deireannach, agus níor airigh mé
a dhuth ná a dhath ariamh; go gcoinnighe Dia mar
sin mé!"
"Tá siad le'n aireachtáil chuile phuínnte ó thuitfeas
oidhche ann." (taidhbhsí)
"Bhí le rádh, go raibh droch-rud eicínt le'n aireachtáil
sa teach sin fadó, ach dheamhan's móide a raibh
ann, ach cainnt."
"D'airigh me an ghiúin (= geoin = sioscadh = comhrádh
íseal) ar mo chúla."
"D'airigh mé 'cuir dhe é, agus mé 'dul thar an dorus trathnóna"
= chuala mé a' cainnt go tréan, nó a' troid é, agus mé
'dhul thar a dhorus trathnona.

"Níor airigh mé aon-toirneach ariamh ba mheasa ná í sílim."

"Bhí sé ag faire ar a bheart nó gur airigh sé chun suaimhnis a raibh sa teach" [Loinnir Mac Leabhair — l.73.] = bhí sé ar an áirdeall go dtapuigheadh sé a dheis, nó gur chuala sé chuile dhuine in a gcodladh.

"D'airigh sé toirt eicínt buailte air" (chuala sé toirt eicínt ingar dhó)

Airigh (iii) = scéal, scuan, nó tuairisc, nó cainnt a chloisteáil [Rí-annamh an chiall seo leis faoi Chonamara]

"D'airigh mé go raibh Nora le pósadh = chuala mé ag dul tharm é, go raibh sí le pósadh.

"Ar airigh tú go raibh Seáinín Sheáin len imtheacht go Sasana" = ar chuala

"D'airigh mé mar deir Meáirtin, go mbeadh céilidhe thiar faoi'n bPúirthín, Dia Domhnaigh beag seo."

['Sbaineann "mar deir Meáirtin" dúinn, go bhfuil an leagan seo ionann's seirgthe sa logán sin]

"D'airigh mé luaidreán eicínt faoi sin" = chuala mé ráfla eicínt faoi sin (bheadh leagain de'n tsórt seo, fairsing go maith)

"D'airigh mé cainnt de'n tsórt sin a' dul thart, ach shíl mé gur pait é" (bréag)

Airigh = (iv) Rud a chronú, a thabhairt faoi deara nó a fhaghail amach.

"Airigheann sé lag mise, nó's beag a' ghiolcadh a bheadh aige

timcheall a' tighe seo" = tá fhios aige go bhfuil mise lag;

marach sin, ní bheadh sé a' glaodhach, agus a' tabhairt

ughdar achrainn uaidh timcheall mo tighe.

"Marach go n-airigheann sé go dona sibh, ní bheadh sib

ionnsuighe aige is chuile áit."

"Airigheann sí bog iad, agus teannfa sí leo(b)" = bean

a bheadh a' brughadh ar a' gcomharsa, agus a' mealladh rudaí uatha.

"Marach go n-airigheann sé gan gus sib, ní bheadh sé a' déanamh

dógha (mhaga) dhaoib, as comhair a dhá súl."

"Duine ar bith 'aireochas sé sin faoi na neart, leagfa sé air."

"Marach go n-airigheann sé dithcéillidhe sib, b'fhada uaidh

sin comhluadar a thabhairt daoib."

"Airigheann sé gan a' teannadh ar mo chúl agamsa." = tá fhios aige nach bhfuil aon-

chongnamh agam.

"Marach go n-airigheann sé ro-shásta sib, ba bheag a' baoghal air a dhul a' brughadh isteach ar u (bhur) gcuid feamuinne."

"Duine ar bith a n-aireocha sé sin aon-phighinn aige, beidh cion aige air" = "beidh sé spleadhach le fear an airgid."

"'Tuige ar thaobhuigh tú isteach a' teach aca(b), má d'airigh tú aon-tinneas a bheith ann" = má chuala tú, má chronuigh tú, má thug tú faoi deara.

"D'airigh mé áit bhog faoi mo chosa, agus d'fhan mé as."

"Airighim an talamh a' creathadh fúm."

"Dhá n-airighinn aon-anshógh air, ní fhágfainn ar deire é" = dhá mbeadh fhios agam, go mbeadh sé i gcontabhairt nó in anachain a' bith, thiocfainn de chabhair air.

"Marach go n-airigheann sé anshógh ormsa, ní bheadh baoghal in a chraiceann air, achrann a tharraingt ar mo shráid" = marach go bhfuil fhios aige, go bhfuil donacht nó lagar nó éalang ormsa, is fada go dtiocfadh sé i gcleitheamhnas troid a chuir ar siubhal ar mo shráid.

"Marach go n-airigheann sí an brabach uirre, is beag a' carthannas a bhrúghfadh sí orraibh."

"Caithfe sé go n-airigheann sé ól ag imtheacht ar sliobarna ann, agus chomh taithighthe a's atá sé ann, le goirid" = caithfe sé go bhfuil fhios aige, go dtugtar ól do dhaoine in aisce ann; marach sin, ní bheadh a tharraingt agus a lonnú síorruidhe san ait.

"Marach go n-airigheann sé solamar eicínt in a dtimcheall, ní bheadh sé dhá dtiodhlacan is chuile áit mar 'tá sé" = marach go bhfaghann sé brabach eicínt orra, ní bheadh sé ab uil iad agus a' déanamh treoruidheachta dóib is chuile áit.

"Airigheann sé an t-airgead in a h-ascaill. Marach go n-airigheann dheamhan a chos a phósfadh í."

"Airigheann siad olla mhaitheasa eicín aniar faoi na bólaí seo, agus chomh minic agus atá siad ann le scathamh."

"Airigheann sé poitín imbarr an bhaile ar an aimsir seo, mar níl sé 'déanamh comhnuidhe 'bith, ach ann."

"Caithfe sé go n-airigheann sé ciste (i.e. ór faluighthe) ingarruidhe na h-Iothlann, mar's ann atá sé ó tháinic earrach."

"Marach go n-airigheann sé cóir iad, ní thiubhradh sé an oiread aire dhóib agus 'thugann sé" = tá fhios aige go bhfuil siad gnaoidheamhail, agus sin é an fáth, go dteigheann sé go dtí iad chomh minic.

"Níor airigh mé an gamhain imthighthe go dtí indiu" = níor chronuigh mé imthighthe é go dtí indiu"

"Níor airigh mé an t-uascán dubh ar iarraidh go dtí ar baillín."

"Níor airigh mé aon-fhód móna goidthe uaim fós i mbliadhna go dtí indé"

"Cé'n uair a d'airigh tú an eireog ar iarraidh

"Níor airigh mé Seán imthighthe, gur ghlaoidh mé air, ar maidin" = níor chronuigh mé gur fhága sé an teach ar feadh na h-oidhche

"Níor airigh mé mo bhríste stróicthe, gur bhain mé dhíom é aréir"

Airigh = (v) easba nó uireasbha a mhothachtáil.

"D'airigh sib imthighthe mise, chuirfinn geall." = ba mhaith dhaoib agaibh mé le bheith chongnamh dhaoib. etc.

"Aireocha siad a' t-athair, má imthigheann sé" = má fhaghann an t-athair bás, is mór a' babhta orrab é.

"Airighim Nóirín, ó chuaidh sí go Sasana" = ba mhór a' leas dom a congnamh, nuair a bhí sí agam.

"'Leabharsa, aireocha muid Seán, má tá indán's go dtiubharfa sé an t-Achréidh air fhéin."

"Airigheann muid na gasúir, th'éis a mbíonn de sclamhfairt orra(b)."

"Airigheann sé an capall, ó dhíol sé í."

"Ní raibh aon mheas againn air, nuair a bhí sé againn, ach anois 'airighea(nn)s muid é."

"Aireocha siad an pinsean anois" (déarfaidhe é, nuair a gheobhfadh sean-duine bás i dteach).

"Dhá laghad iad, airigheann a' teach, cupla scilling 'dole' Sheáin."

"M'anamsa fhéin, go n-aireocha siad a' bhó sin, má bhíonn aon-cheo uirre; gur h-iomdha bainne a bhíodh aice."

"Ní indiu ná imbáireach 'aireochas mé é, ach aireocha mo chuid páistí é, go deo" (bean a bhfuair a fear bás).

"D'airigh an teach tú, scáth an t-achar a bhí tú imthighthe" = níor tugadh an áirde chéadna ar chúrsaí an tighe ó d'imthigh tú, agus a thiubharfá-sa orra(b).

"Ní aireocha sib mise, go n-imthighe mé" athair ná máthair ag cur idtuiscint dá gcloinn, go mbeadh caitheamh in a ndiaidh fhéin aca(b), nuair a gheobhfaidís bás.

"Aireocha sí an tsean-bhean anois: is iomdha giotamáil bheag a dhéanfadh sé dhi."

"Is beag 'aireochas sé sin, deoch a sheasamh — tá dalladh airgid aige" = ní chuirfe sé aon-cheo as dá chuid airgid, luach deoch a bhaint as.

"Is beag 'aireochas tú mótar a cheannacht, agus a bhfuil de theacht isteach duit."

"Is beag a d'aireochadh sé siúd an oiread eile a chaitheamh, ní h-ionann sin a's duine bocht."

"Ní mórán 'aireochas tú cupla scilling a chaitheamh (ch)ugam"

"Ní mórán 'aireochas tú scilling agad ná uait.

"Shílfeá gur beag a d'aireochadh sé bronntanas beag eicínt a thabhairt chuig an ngasúr."

"Is beag a d'airigh sé sin punt de dhualgas Nodlag a chaitheamh chuig a' sagart."

"Ní aireochadh sé sin punt ach an oiread a's d'aireochadh duine eile leith-phighinn."

"Cá'r airigh tú puintín gágach?" = "nach beag a d'airigh tú puintín beag, suarach airgid!"

"'Sé 'tá cráidhte faoi scilling airgid a chaitheamh, agus laghad a's d'aireochadh sé í."

"Chaith tú go fánach aréir é, agus airigheann do pháistí indiu é" = bean a' díbliú ar a fear faoi airgead a ól.

"Aireocha sí fhéin agus a h-áilín lag, lúbach é" = a' casú faoi bhean ar cailleadh a fear [áilín = muirghín]

"Airigheann muid a' sean-bhuachaill, ó buaileadh suas é" (ó chuaidh sé ó mhaith)

"Aireocha tú é, a bhean-chroidhe, lá is fuide anonn ná indiu" = duine a' cású báis a fir le bean.

"Is beag aireochas a' bus (a' capall, a' rothar etc) muid a iomchur, ní hé sin is fadó, nuair a chaithfeá é 'thabhairt do na bonnaidheacha indeireadh oidhche." (ag dul ar aistir)

"Ní aireochadh muid uainn thú, dá gcaiththeá imthighthe ar fad" = ní aireochadh muid do chongnamh uainn, dá bhfantá imthighthe uilig. [Is annamh a cloistear "uainn" "uaim" etc i ráidhtí de'n tsórt seo faoi Chonamara. Bíonn sain-chiall le "uainn" etc ionnta.]

"Níor airigh muid uainn tú, ó bhí tú againn cheana."

"Dhá bhfanadh sé amach uiliog, ní aireochadh muid uainn é" = "ní bheadh aon chaitheamh in a dhiaidh againn dhá dtugadh sé cúl do'n teach seo ar fad."

"Is fadó cheana nar thaobhuigh sé isteach muid, agus níor airigh muid uainn é."

"Ní airigheann muid uainn é (as a' teach) ó imthigheann sé go dtagann sé aríst" = (níl aon-ghnaoi mór againn air) [Is na leagain a mbíonn "uainn", "uait" etc ionnta, cronuigh go mbíonn baint aca le teach nó a leithide, agus go dtagann uireasba gnaoi igceist]

"Dhá dtugadh sé cúl do'n bhaile seo uiliog, ní aireochadh an baile uaidh é" = níl aon-ghnaoi ag muinntir a' bhaile air, agus dá bhfanadh sé as ar fad sé b'fhearr leo(b), agus b'fhearrde iad é.

"Ní aireocha mé í, go dtaga an t-earrach, agus gan aon-duine agam le fágáil igcíonn na bpáistí."

= 'San Earrach a thuigfeas mé go mbadh mhór a' leas dom a congnamh a's bíodh sé agam.

"Abair go n-aireochamuid Brighid. Ach ní
fhéadfadh sí 'bheith againn i gcomhnuidhe."
"D'aireochthá duine is lugha maitheasa ná é, d'aireochthá
sin."
"Dhá laghad de phiodarlann é, aireocha mé é, mar
is iomdha teachtaireacht a dhéanfadh sé dhom."
"Is géar aireochas sé an pinsean a bhaint dhe."
"Ní airigheann sí chomh mór anois é leis a' gcéad am,
mar tá'n chlann ag eirghe suas, agus beidh an chuid is sine aca(b)
ionchongantach, lá ar bith feasta." = ní fhearann
bás a fir chomh mór ar an mbean sin anois, leis an
am ar cailleadh é, mar tá'n chlann a' neartú, agus beidh
an chuid is sine, indon conganta a thabhairt di go goirid.
"Goilleann sé orm i gcomhnuidhe, ach ní airighim anois baoghal
air, chomh mór leis a' gcéad-am."
"Aireocha siad a' mháthair anois, mar níl aon-duine le láimh
a thógáil as a gcíonn" = is mór a' buille orra bás
na máthar, mar níl aon-duine eile le iad a oileamhaint
ná aire a thabhairt dóib.
"Aireochamuid gan na cearca a bheith a' breith, mar ba mhór
a' mhaith orainn a gcuid uibheachaí, ó tháinic a' bhliadhain."
"Aireocha na daoine an mhairtfheoil seo a bheith caithte in
aer, mar b'iomdha gríscín a d'fhaghadh muid ó thosuigh sí."
"Aireocha na daoine é, má stoptar na busannaí, mar b'iomdha
slighe a's seifte beag a bhfaightheá lán laidhre inGaillimh air,
fharrus é chaitheamh uait ag cneamhairí an bhaile sin thoir."

[I leaganachaí de shamhail an phéire dheire sin, cialluigheann
"daoine", "muid" nó "muinntear na h-áite seo" nó
"muinntear an tighe seo". Ní chialluigheann sé na daoine
i gcoitchinne. Tá an sainiú céille sin an-choitchiannta
leis ar fud na Gaillimhe fré chéile]
"Aireocha Boluisce an poitín anois, má cuirtear cúl leis,
mar sé bhí dhá dtógáil" (dtoigeál adeirtear)
"Aireocha na sléibhte na beithidhigh a bheith
saorsuighthe, mar is leo(b) is mó a bhíodh a bplé"
= is mór a chuirfeas sé as do mhuinntir a' tsléibhe, go
bhfuil díol saor ar na beithidhigh anois, mar bhíodar
ina dtuilleamuidhe.
"Ní aireochadh sé congnamh beag a thabhairt dhá dheirbhshiúr anois,
agus arís, a's a ghéireacht a's tá sí in a cháll."
"Ní aireochthá lá a thabhairt dúinn anois le na fataí, ó thárla
an cur réidh agad fhéin" = ní chuirfeadh sé aon-cheo as duit
anois, lá oibre a thabhairt dúinn a' cur na bhfataí, ó's rud é
go bhfuil siad curtha agad fhéin.
"Is beag a d'aireochadh sib lá a thabhairt do dhuine aon(t)raic
agus a bhfuil de chongnamh agaibh, slán a bheidheas na daoine"
= ní chuirfeadh sé tada as daoib, lá oibre a thabhairt do'n té
nach bhfuil aige, ach é féin, agus go leor agaibh-se ann.
"Ní aireochthá a theacht lá liomsa anois, ó tá tú féin as
cionn do ghnaithe" (i.e. do chuid oibre réidh agad, nó obair na
h-uaire críochnuighthe agad).

"Is beag 'aireochas mé agam ná uaim a' méid laetheanta a thug mé dhó, ariamh." = ní mórán laetheanta a bhí mé 'chongnamh dhó ag obair ariamh.

"Ní aireochthá agad nó uait an punt sin" = déarfá seo le duine a thug punt uaidh, nó a chaith punt, agus é bun-tsaidhbhir

"Ní aireocha tú agad ná uait, an píopa tobac sin, agus tá mo theanga-sa calcuighthe cheal gail" = scurach a bhí ag iarraidh píopa tobac ar fhear adubhairt seo.

"Ní aireocha tú agad ná uait, cupla scilling, agus ní fiú dhuit droch-cháil a chuir amach duit fhéin, scáth luach deoch." = ní chuirfe cupla scilling (luach deoch) mórán as duit, agus tá sé chomh maith dhuit iad a thabhairt uait, i riocht's nach dtiocfa cáil péisteánaigh amach duit.

"Marach a' chneagaireacht, is beag a d'aireochadh sé aige ná uaidh na cupla pighnín ghágacha sin" [cneagaireacht = tútaighil = crádhas croidhe = péisteántacht = carghaos scaradh le airgead]

"Ní aireocha tú agad ná uait go bráthach cupla scilling, agus b'fhéidir go mbadh mór an tslighe 'un dé do'n chréatúr iad." [slighe 'un dé = leas = fearadh = maith]

"Ní aireocha tú uair a' chluig agad ná uait, scáth a ndéarfa tú."

"Ní aireocha tú agad ná uait, an t-achar a bheidheas tú dul siar chomh fada leis."

"Maidir leis a' tamall de lá a thug mé dhuitse, leis a' bhféar, níor airigh mé agam ná uaim é, agus ní hé atá mé a chású chor a' bith, ach ar thug mé do'n ógánach seo thíos agus nar chúitigh sé liom" (comhar oibre atá i gceist ann).

"Aireocha an mhóin, an aimsir bhreagh a bheith imthighthe" = ní thriomócha sí leis a' droch-aimsir.

"Aireocha na muca an 'bran' a bheith ídighthe. Ní chuirfidís smut san tubán indiu, nuair a shín mé beatha (ch)uca(b)."

"Aireocha na daoine an t-iasc glas a bheith ídighthe, ach bhain muid solamar maith dhe, an fhad's sheas sé."

["Iasc glas" = runnaigh, bolmáin, mangaigh etc, a bhuailea(nn)s an cladach agus na glas-chuanta, in a gcluithchí sa bhfoghmar]

"Aireocha sib cuid nuaidheacht na Nodlag a bheith caithte anois, mar is iomdha beaduidheacht adeirigh lib."

Amach, amuigh = gluaiseacht ó'n taobh istigh.

(Féach isteach, istigh)

"Chuaidh sé amach (ar an tsráid, sa ngarraidhe, sa gcogadh, ar a'
bhfairrge, ar na cnuic, do'n taobh ó thuaidh etc).
"Níl sé ach imthighthe amach", "is gearr ó chuaidh sé amach as a' teach seo."
"Chuaidh sé amach sa ngarraidhe."
"Sheas sé amach ó'n gclaidhe." "Tá an iomarca grádha 'mach ag cuid
de na daoine" = an iomarca fonn orra bheith ag imtheacht ar
bóithrí, ag damhsaí etc.
"Tá'n iomarca grádha 'mach ag cailíní óga an bhaile seo."
"Is air atá an fonn amach." = fonn imtheacht ar bhóithrí etc.
"Tá'n iomarca fonn amach uiliog ort."
"Sé'n fonn amach a d'fhága an bhail sin ort."
"Ná teirigh amach faoi'n mbáisti(gh)." "Céard a bhéarfadh amach
tú a leithide de lá."
"Níl isteach ná 'mach ionnam anois" (féach isteach).
"Bíonn sé isteach 's amach annseo"
"'Bhfuil aithne agad ar a' bhfear amach?" = an fear a chuaidh amach (an dorus etc.)
"Céard a bhí le rádh ag a' mbean amach?"
"Sé'n fear amach an droch-éadáil le tarraingt ort."
"Céard a chas amach thú a leithide d'oidhche?
"Níor cheart go mbeadh cruadhóg amach a' bith anois ort."
"Cé'n chruadhóg amach atá anois."
"Cé'n chall amach atá dhuit — nach bhfuil neart aca(b) fhéin ann le
dhul amach."
"Tiubharfa mé an tsráid amach duit, mara mbí tú 'do thost."
"Thug sé bóthar amach dó" = chuir sé amach é, nó 'un siubhail
"Thug sé bóthar na Muice Báine amach dó" = dhíbir sé é.
"Nach bhfuil a gceart aca(b) fhéin ann le freastal do'n áit amuigh"
= do chúrsaí na talmhan, etc. chuile chúrsaí, ach cúrsaí tighe.
"Fág an obair amuigh fútha(b) féin — 'siad is lugha 'aireochas í."
= fág obair na talmhan etc fútha fhéin, ní aireocha siad chomh
mór leatsa í. (féach isteach)
"Thug sé an tsráid amach dó fhéin, th'éis a' méid sin"

"Is gearr amuigh thú" = ní i bhfad atá tú imthighthe.

"Nach fada amuigh é seo" = nach fada atá sé imthighthe.

"Má bhíonn sé mórán achair eile amuigh, ní fhanfa mise leis, ná cuid d'fhanacht."

"Bhí mé amuigh domhain 'san oidhche aréir."

"Bíonn sé sin amuigh ó oidhche go maidin."

"Chaitheadh sé amuigh ó oidhche go maidin."

"Níor cheart do dhuine 'bheith amuigh in am mharbhtha na h-oidhche."

"Céard a choinnigh amuigh chomh fada seo thú."

"Tá sé amuigh óna theach agus ó na pháistí."

"Cá'ide 'bheidheas tú amuigh meastú?"

"Shílfeá nach mbeadh Críostuidhe 'bith amuigh an tráth sin d'oidhche."

"Is aisteach a' tráth é do dhuine 'bith 'bheith amuigh."

"Nach deireannach a bhí tú amuigh." "Ní leigfeadh a' faitchíos dhomsa, 'bheith amuigh chomh deireannach sin." "Ní bheadh fhios agad céard a bheadh amuigh an tráth sin d'oidhche."

"Tá'n ceann seo (= an duine seo) amuigh ó tháinic oidhche, agus dheamhan amharc a chonnaic muid fós air."

"Is mór a' t-iongnadh nar fhan tú amuigh ar fad, ó d'fhan tú an fhad seo."

"Sé'n buachaill báire sin ag S. Sh. a choinnigh amuigh é, go raibh an oidhche caithte thar druim."

"Tá bád amuigh ar an bhfairrge." "Chonnaic mé caoirigh cuideáin eicínt amuigh imbárr a' bhaile indiu."

"Amuigh i gConndae an Chláir, 'thárla an scéal sin" = thall etc.

"Feicim franncach amuigh annsiúd amuigh ag a' gclaidhe"

"Bhí sé amuigh uiliog go léir ar a' sliabh" = an-fhada amach nó i bhfad ó láthair ar a' sliabh.

"Tá'n bád amuigh uiliog go léir ar a' bhfairrge."

"'Dtugann tú aon-cheo faoi deara amuigh annsiúd amuigh."

= amuigh údan.

"Tá mar a bheadh cumraidheacht duine amuigh údan."

"Céard 'tá amuigh údan?" = céard atá amuigh annsiúd.

"Cé'n 'chaoi bhfuil siad sa teach seo amuigh" = sa teach seo in aice linn nó ar aon-tsráid linn.

"'Bhfuil mórán ar cuairt annseo amuigh anocht" = sa teach seo amuigh, nó in aice linn.

"Cé hé an strainséara 'bhí annseo amuigh aréir?"

"Fan as seo amuigh, nó's donuighthe a bheidheas tú" = fan as a' teach seo amuigh, nó fágfaidhear éalang ort ann.

"Ná teirigh isteach go dtí iad seo amuigh, dubh bán, ná dubh buidhe" = ná teirigh isteach go dtí muinntir an tighe seo amuigh, chor a' bith.

"Nach mór a chaithfeá a dhul isteach go dtí iad seo amuigh." "Fan glan ar a' dream (ar a' muínntir etc) seo amuigh" = na daoine sa teach is goire dhúinn, nó na daoine atá ar an tsráid etc.

"Tá'n áit (teach etc) amuigh in a rachlas" = tá achrann nó eirghe in áirde ar a' tsráid nó sa teach atá in aice linn.

"Is fada amach uatha(b) seo amuigh a choinnigh sé le fada."

"Ná trácht chor a' bith orra(b) seo amuigh." "Ná labhair chor a' bith leo(b) seo amuigh." "'ndeacha siad seo amuigh' chodladh fós" = an teach seo amuigh.

"'mbeidh an mhuinntear seo amuigh ag (d)ul ar an aonach ambáireach."

"Bhí sé seo amuigh a' brath air é 'ionnsuighe, marach gur chuir mise foighid ann."

"Ní fhágann sé amach an teach chor a' bith anois"

"Níor fhága sé amach an áit seo ó thuit oidhche aréir."

"Is deacair domsa aon-eolus a bheith agam, fear nar fhága amach an baile ariamh"

"Fágfa tú amach an teach seo go beo, nó beidh aithmhéala ort."

"Déantar rudaí aisteacha amach faoi na Réigiúin coimhthightheacha."

"Tá amhuis amach faoi na tíortha coimhthightheacha."

"Chuaidh sé amach faoi'n saoghal" = d'imthigh sé ó'n mbaile.

"Ba cheart dhuit a dhul amach faoi'n aer, corr-uair."

"Chomh luath agus 'chuaidh mé amach faoi'n aer, tháinic fonn múisc' orm."

"Cuireadh amach sa gCogadh de'n bhuidheachas é."

"Chaith sé dhá bhliadhain amuigh sa gcogadh"

"Shíl Shasana, na h-Éireannaigh a chuir amach sa gcogadh de'n bhuidheachas, ach chinn uirre."

"Bhí A. amuigh sa mbriseadh" = sa troid mhóir (cath)

"Níor mhiste liom, dhá gcaithinn a dhul amach igCogadh ar maidin — sé'n cás céadna liom é."

"Is moch ar maidin atá tú amuigh." "Ní bhíonn sé amuigh go mbíonn a' lá caithte."

"Tá Seán amuigh in éadan a ghna(ithe)."

"Bhí mé amuigh ar meath indé" = bhí mé ag iascach ar a' bhfairrge, i mbád indé.

"Cá'ide go dteighe tú amach ag iascach?"

"Tá sé inam agaibh 'bheith ag dhul amach feasta" = ar aistear, nó abhaile.

"Bí amuigh, má's leat a bheith in am" = "bí ag imtheacht etc.

"Ní chorruigheann sé amach anois chor a' bith" = ní theigheann in aon áit.

"Is fadó an lá nar eirigh sé amach cheana" = is fadó an lá nach ndeacha sé in aon áit.

"Níl amach ná isteach ann anois" = níl sé indon a dhul amach.

"Tá sé in am agad a bheith ag (dh)ul amach abhaile" = tá sé in am agad a dhul abhaile ó'n teach seo.

"Teirigh amach abhaile feasta: ní tráth áirneáin é."

"Bí (a)g (dh)ul amach abhaile feasta — sé is córa dhuit, ná 'bheith 'déanamh clogán-streille de'n oidhche annseo" (féach "clogán streille")

"Tá sé amuigh (imthighthe amach) faoi'n tír (faoi'n tuaith)" = ó'n mbaile mór.

"Teigheann muinntear a' bhaile mhóir amach faoi'n tír, 'chuile Dhomhnach ag deanamh aeir."

"'Pócaí fola(mha) bocht buailidís bóthar a's gheobha siad seantáin amach faoi'n tír'" (Creathnach Sheáin Bóirne)

"Tá sé amuigh ar an Achréidh indiu" = fear as a' mbaile mór nó fear a bheadh in a chomhnuidhe sa mbaile mór.

"Chuaidh sé amach an cnoc" = ó thuaidh, nó thar an gcnoc, bealach ar bith.

"D'ionnsuigh sé amach an sliabh ar maidin, agus dheamhan amharc a chonnaic muid ó shoin air"

"Thug sé an cnoc amach air fhéin ar ball, in diaidh
caorach."

"Tá sé imthighthe amach Boluisce indiu, ag iarraidh buidéal"

"Ghearr sé amach Leitir Fir é" = shiubhail sé amach (ó thuaidh) Leitir Fir.

"Is fada amach ó Bhol-uisce, Ogumhail." = is fada uaidh (ó thuaidh dhe) é.

"Ar an loch amuigh a dheana(nn)s siad é" = (tá dhá loch igceist an loch
istigh agus an loch amuigh — an loch Íochtair agus Uachtair — an loch uachtair atá
igceist annseo).

"Is fada ó'n mbaile íochtair an teach amuigh"

"Ar an tamhna(igh) is fuide amach atá sé."

"Sin é an teach is fuide amach ar a' mbaile" = is fuide ó thuaidh.

"Sí'n tamhnach is fuide amach de na tamhnachaí sléibhe sin í."

"Bhí mé an-fhada amach faoi shléibhte indiu."

"Bhí mé 'g (dh)ul amach ariamh, ariamh, go raibh mé i bhFionán" = bhí mé 'g (dh)ul
ó thuaidh.

"Is diabhaltaidhe fada amach atá sé"

"Ghearr muid amach ó thuaidh, gur shroich muid Doire Thuirc."

"Is gearr amach chor a' bith, Leitir Meas" = níl sé i bhfad ó láthair (ó thuaidh).

"Chuaidh sé amach Dúithche Sheoigeach ar cuairt."

"Tá sé amuigh sa teach dóighte indiu."

"Fear ó'n áit amuigh (ó'n taobh ó thuaidh) a bhí dhá innseacht dom ar
aonach a' Chroisín indiu."

"Is fada amach an líonán." "Thug sé Dúithche Sheoigeach amach ar fhéin
indiu." (amach faoi dhúithche Sheoigeach, isteach faoi shean-chladaigh — i.e.
na h-oileáin, Garumna, Leitir Mealláin etc).

"Má bhíonn an muinntear amach ann, caithfe sib a bheith suaimneach."

"Níl cead isteach ná amach aice" = níl cead aice corruighe as a' teach
(féach isteach).

"Ní thugann sí cead isteach ná amach do'n chailín aimsire."

"Tá sé imthighthe síos amach" (féach aníos)

"Chuaidh sé suas amach" (féach anuas).

"Tá'n an áit sin siar amach" = an-fhada siar.

"Bhí sé thiar amuigh ar fad" = an-fhada siar.

"Fear aniar amach as tóin Chonamara, a d'innis dhom é."

"Tá sé in a chomhnuidhe siar amach in áit eicínt — taobh thiar dhá bhfuil ann."

"Tháinic sé aníos amach" (féach aníos).

"Phós sé duine eicínt soir amach ar an Achréidh."

"D'imthigh sé síos amach, in áit eicínt a' múnadh gaedhilge an bliadhain cheana, ach ba ghearr a chaith sé imthighthe gur tháinic sé abhaile arís ina bhromachán bliadhna."

"Tá'n áit sin síos amach."

"Ghread leo(b) siar amach go Conamara indiu, agus dheamhan's móide amharc a d'fheic(f)idhe orra(b) arís go ceann seachtmhaine."

"Tá'n gamhain thiar amuigh ar a' gcnocán" = an-fhada siar ar a' gcnocán.

"Tá sé 'baint mhóna thuas amuigh ar an easca imbliadhna" = an-fhada suas ar an easca (féach "easca").

"Bhí sé ag obair thíos amuigh sa ngarraidhe, agus níor chuala sé mo 'bhail ó Dhia'."

"Tá sé ag útamáil leis, thoir amuigh le claidhe, ó indé."

"Bhí sé soir amach ag árd Dhoire Locháin, nuair a scoth mé é."

"Thuas amuigh i Seana Mhóinín atá sé ó mhaidin."

"Bain do shúil dhe anois, muis, mar tá sé thíos amuigh le cladach."

"Bhí an bád amuigh ar an domhain." "Bhí siad ag iascach amuigh ar an bhFeath Mhóir" (áit sa bhfairrge).

"Tá sí amach go maith ar an domhain." (an bád).

"Tá na potaí gliomach curtha aca(b) amach go maith ar a' stupóig."

"Tá'n gearradh amach go maith ar a ghruaidh" — roinnt achair óna shúile.

"Caithfe mé dhul amach ar an sliabh, igcoinne aistear móna."

"Chaith sé 'raibh in a phócaí amach ar an mbord."

"Scáird sé amach, taoscán mór fuisce dhom."

"Teann amach ó'n teine." "Coinnigh amach uaim."

"Coinnigh amach uaidh ar fad, mar sin é fhéin an droch-eallach le dhul in a ghoire chor a' bith."

"Tá sé fanta amach as tigh Sh. ar fad anois" = ní thaobhuigheann sé an teach sin.

"Tuige ar fhan sé amach as tigh C. nímé?"

"Fan amach ó'n dlighe (coinnigh amach etc) má fhéadann tú."

"Ní comhluadar 'bith dhuit é sin, agus tá mé 'cur aithne ort, fanacht amach uaidh feasta."

"B'fhearr dhuit fanacht amach ó mo chuid feamuinn-se (móna-sa, talmhan, etc) má tá do leas ar Dhia" = gan a bheith dhá tabhairt leat, dhá goid etc.

"Fan amach ó'n ól" (ó na mná etc)" = seachain a' t-ól.

"Fan amach uaidh siúd, nó fágfa sé éalang ort."

"Níl greann ar bith againn ó d'fhan P. amach" = ó thug sé cúl do'n teach.

"Shílfeá nar chuir muid araoid ar bith air, agus d'fhan sé amach 'na dheidh sin" = d'fhan sé uainn; thug sé cúl do'n teach seo.

"Cé'n sórt amach sin ort a leithide d'oidhche" (freagra ar dhuine a shamhlóchadh a dhul amach go dtí áit eicínt, droch-oidhche).

"Má's cursaí 'dhul amach é, tiubharfa mise mo chóta mór liom" = má támuid le dhul amach, etc.

"Ar ndú (= ndóigh), ní cúrsaí dul amach é, an tráth seo d'oidhche, agus 'chuile theach a' stócáil a dhul 'chodladh." = ní tráth 'bith a bheith 'g (dh)ul amach anois, (ar cuairt) agus 'chuile theach faoi réir, le dhul 'chodlad.

"Nach fada a bhí tú gan corruighe amach" = gan a theacht amach.

"Cé'n deifir amach atá ort, anois. Leig do scíth."

"Nach mór a' deifir amach atá ort, agus gur corr-uair fheicea(nn)s muid thú."

"Leig de do chuid deifir amach agus déan do chuairt."

"Beidh tú luath go leor amuigh (= ag obair). Is iomdha oidhche sa teampall orainn!"

"Ná bac le na 'dhul amach indiu. Nach lá dhár saoghal é."

"Ná bac le na dhul amach indiu! Ní leigfeadh sé luch as poll ná diabhal as Ifreann!" = níl aon-mhaith bheith a' cainnt faoi dhul ag obair indiu. Tá'n bháisteach an-trom."

"'Is éasca duine a chuir amach nach bhfuil teach aige dhó féin'" (sean-fhocal)

"Tá sé amach in áit eicínt faoin mbaile."

"Buail amach faoi'n mbaile agus déanfa sé maith mór dhuit."

"Imthighthe amach faoi'n mbaile in áit eicínt atá siad."

"Cá bhfios domsa, cé'n áit amach faoi'n mbaile a bhfuil siad"

"Bhí sé leigthe amach ar ghiall an doruis" = liosta amach air.

"Bhí a ghualainn leigthe amach ar a' gclaidhe" = liosta amach air (féach isteach)

"Tá bolg amach air, (srón, béal, méadail etc)"

"Tá pluic amach ar a' teach" = cruit nó puchóid nó dronn.

"Tá cruit amach ar a' gcruaich choirce."

"Tá dronn amach ar a' gcoca féir" (ar rotha an rothair etc)

"Tá'n chruach ro-leigthe amach agad" = ro-dhíreach; nó ba cheart duit a bheith dhá tabhairt isteach feasta.

"Ná leig amach é (coca féir) níos mó."

"Tá'n iomarca de sceimhil amach uirre" = cruach choirce.

"Tá cruit amach uirre as a bárr (cruach choirce) agus ólfa sí an t-uisce ar fad."

"Leig tú amach ro-mhór idtosach í, mar ní bheidh a' (= ar) ndíol coirce againn anois di, chor a' bith."

"Níl aon-deor amuigh nach bhfuil istigh" = teach a mbeadh báisteach anuas ann; droch éadaigh nó droch-bhróig.

"Níl coinneál amach ar thada aige" = (droch-theach, droch-bhróig etc). = níl díon deor ann.

"Tá chuile dhuine fanta amach uaidh" (siopadóir) = ní fhaghann sé aon-trácht.

"Is maith an fáth gur fhan mé amach uaidh, mar bhí chuile shórt a dhá luach aige."

"Cuireadh amach é ar a bhéal a's ar fhiacla" = cuireadh indiaidh a mhullaigh é.

"Cuireadh amach glan-ascartha sa trinnse é, in áit ar bhain tulán truisle as."

"Cuireadh amach sa bhfairrge é, in áit ar sciorr sé ar leic."

"Cuireadh amach indiaidh a mhullaigh é, agus fhobair nar baineadh a raibh d' fhiacla istigh in a cheann as."

"Chuir sé turraic ann, agus chuir sé dhe amach é, gur buaileadh in aghaidh giall a' doruis é."

"Chinn orm é 'chuir dhíom amach" = é brughadh díom, nó é 'choinneál uaim."

"Chuir sé de amach é, le iarraidh, agus shín sé ar
lom an urláir é."
"Bhí mé i lár an bhrúghadh agus mé ag iarraidh na daoine a
chuir dhíom amach."
"Brugh mé dhíom amach é, ach tháinic sé fúm in ath-uair, de mo
bhuidheachas."
"Pé'r bith cé'n dornáil a thiubharfá dhó, ní choinneo(chth)á dhíot
amach é."
"Tháinic sé fúm de rithte reathach ó thaobh chúl mo chinn, agus chuir
sé chúig slata uaidh amach mé!"
"Is maith fada amach uaim, a choinnigh mé é"

"Gaol i bhfad amach liom é" = "tá sé fada amach ingaol agam."
"'Uisce fuar mo chreach nó gaol i bhfad amach'" = (leath-fhocal)
"Is beag a' mhaith do dhuine, an gaol i bhfad amach."
"Má tá aon-ghaol ann anois, is gaol i bhfad amach é."
"Dheamhan mórán samhaoine d'aonduine gaol i bhfad amach."
"Tá gaolta i bhfad amach aige, suas faoi Mhuigh Cuillinn nó faoi Ghnó Mhór."
"Tá gaol i bhfad amach agam le Seumas."
"Tá siad ingaol aigéan a chéile — ach is gaol i bhfad amach anois é" = gaol
scaipthe.
"Shíl mé nach raibh an gaol chomh fada sin amach" = chomh scaipthe sin.
"Tá smearthachán eicínt gaoil agam leis — ach is fada amach é."
"Is fada amach uaimse iad sin, anois" = is beag a' gaol atá agam
leo."
"Tá sé fada go maith amach uaim, ingaol, ach a' méid sin fhéin
bíonn se dhá bhrughadh orm, uair a' bith a chastar liom é."
"Bhíodh na sean-daoine a' comhaire(amh) gaoil eicínt leo(b), ach's fhada amach
é anois."
"Is beag an éadáil dhomsa, gaolta i bhfad amach, ná a gcuid
carthannais"
"Is beag an mhaith gaolta i bhfad amach lá an anshógha."
"Níl gothadh 'bith againne ar ghaolta i bhfad amach" = níl aon-tsúil
againn go dtiocfa siad go dtí muid, go mbrughfa siad orainn,

níl muid dhá n-iarraidh.

"'Chuile eallach aige siúd ach gaol i bhfad amach."

"Ní lughar liom a' catmara, ná gaolta i bhfad amach
a bheith brughadh orm 'chuile lá 'san aer."

"Tá mé scriosta bánuighthe ag gaolta i bhfad amach, ag ithe a bhfuil in mo
theach"

"Is fada amach ó mo chaolán-sa a gearradh iad" = níl gaol ná páirt
agam leo; is fada uaim a tóigeadh iad.

"Is fada amach ó mo chaolán-sa a gearradh thú, le go dtiocfá ag
iarraidh rud orm."

"Is fada amach ó mo chaolán-sa a gearradh muinntir an bhaile seo,
le go mbéidís a' brughadh isteach orm."

"Is fada amach ó mo chaolán-sa a gearradh í, le go dtiubhrainn
cuireadh chun bainse dhi."

"Is fada amach uaim a bheidheas siad sin, nuair a thiocfas an
t-anshógh."

"Is goire dhom an duine is fuide amach uaim sa tír ná é" = is mó
an leas dom an té nach bhfuil gaol a'
bith aige liom ná eisean atá ingaol liom.

"Ní dhéanfadh an té is fuide amach uaim sa tír liom é."

"Ní chreidfinn go n-abróchadh a' té is fuide amach uaim sa tír
liom é, ní áirmhighim eisean, a bhfuil gaol gar aige liom."

"Ní tiubhradh a' té is fuide amach uaim sa tír a leithide de mhasla
dhom a's a thug mo dhuine muinntreach fhéin dhom."

"Is túisce a d'iarrfainn rud, a's bíodh sé 'teastáil uaim, ar
a' té is fuide amach uaim sa tír, ná d'iarrfainn ar mo
dhearbhráthair fhéin é."

"Ní raibh sé i bhfad amach ingaol uaim, agus aindeoin sin, níor
labhair mé focal cainnte ariamh leis."

"Is gearr amach ingaol chor a' bith uaim é, agus dheamhan thairis
sin de theanntás a rinne mé ariamh leis, ina dheidh (= dhiaidh)
sin."

"Is gearr amach chor a' bith iad sin: nach dhá chol-ceathar a bhí sa
dá athair."

"Ní i bhfad amach chor a' bith muid: col-cúigreachaí
sílim."

Bonn amuigh: nuair a bhíos cluithche thart i gcártaí, bíonn an bonn amuigh (féach bonn "istigh")
"Bonn amuigh é" = tá'n cluithche sin thart.
"Chreidim gur bun amuigh é." "Ní féidir go bhfuil an bun amuigh fós" = "ní féidir gur bun amuigh é."
"Marach do chuid ciothaighle-sa, ní bun amuigh bheadh ann."
"Is tú a leig an bun amach." "'Sé do dhó salach a leig an bun amach." "Níor cheart duit mé 'bhualadh agus 'fhiosacht duit go raibh an bun ag (dh)ul amach."
"Dhá mbeitheá gan Pádraic a leigean isteach biorach, choinneo(chth)á an bun gan a dhul amach."
"Má leigeann tú an bun amach, le do chuid faillighe an babhta seo, íocfa tú ann."
"Ní lomfainn, marach go raibh an bun ag dul amach."
"Ní fhéadfainn a mhalrait a dhéanamh: bhí an dream eile fiche tóigthe agus an bun ag (d)ul amach."
"Bhfuil sibse amuigh" = 'bhfuil sib cluithche?
"Cé'n comhaire(amh) é, nó'n bun amuigh é?"
"Sin é bhfuil de chomhaire(amh) air — is bun amuigh é."
"Mara mbí áirdeall maith agad ar fhear an chúinne, sciorrfa sé amach ingan-fhios duit" = tiocfa sé cluithche in gan fhios.
"Chreidim go bhfuil sib ionann's amuigh." = beagnach cluithche.
"Níl sé chomh h-éasca sin a dhul amach ar bhun a cúig fichead in áit a bhfuil ceithre chomlán."
"Tuige nach gcuimhnigheann tú ar a' gcomhaire(amh) agus gan a' bun a leigean amach."
"Dhá leanainn do chuileata-sa, ní bun amuigh 'bheadh ann."
"Dhá mbeadh an oiread de'n ádh orm, a's nach gcuirfinn isteach fút, ní bheadh an bun amuigh."
"Má leigeann tú an bun amach, de'n gheábh seo, beidh t'anam agam."

"Tá sé caithte amach" = díbrighthe as a' teach.

"'Is mise an fear ag amadáin' adeir F. Ó. C. nuair a chaith sé amach an bhaintreabhach i Muigh Cuilinn." = nuair a chuir sé as seilbh í.

"Caitheadh amach as teach a's talamh é."

"Caitheadh amach é, faoi nár íoc sé an cíos."

"Chuala mé go bhfuil an chailleach le na thabhairt (ch)un dlighe, faoi na caith(eamh) amach, gan fáth gan ádhbhar."

"Mara gcaithe tú amach é, cuirfe sé de dhruim tighe tú."

"Tiubharfa mise an teópar(?) amach dhó go goirid" = cuirfe mé as a' teach é."

"Nuair a chaithtí duine bocht amach fadó, séard a dheanaidís bothán scrath a dheanamh 'leath-taobh an bhóthair agus fanacht ann"

"Caitheadh amach go leor, de lucht na dtighthe nuadh an tseachtmhain seo (gha)bh thart, gan a' cíos a íoc." = cuireadh as seilbh iad.

"Chomh luath agus a chaith an t-athair amach é, ghread leis go Ameriocá"

"Má chaithim amach é, uair amháin, ní thaobhócha sé isteach aríst le na ló."

"Cé'n uair a tóigeadh amach an corp" = a tugadh as an teach é, le na thabhairt 'na cille.

"Is fada gur tóigeadh amach é."

"Ná leigighidh an deireannas oraibh fhéin le na thógáil amach"

"Ar an dá luath a's a raibh an altóir tóigthe, tóigeadh amach an corp."

"Cé 'bhí tógál amach an chuirp?"

"Bhí an corp tóigthe amach agus an tsochraide ag imtheacht de'n tsráid, nuair a tháinic sé."

"Cuir tuairisc cé'n uair a thóig(f)eár amach é."

"Ba ar éigin a bhí ceathrar ann le na thógáil amach."

"Láimh istigh agus láimh amuigh" (féach istigh).

"Bíonn sí sásta go leor, má bhíonn an seachadadh amach i gcomhnuidhe ann" = íoc amach, nó íoc ar a' tairnge, nó íoc ar bhall na háite.

"Is beag a' tsástuigheacht a bhíonns uirre, mara ndeana duine an seachadadh amach."

"Ní bhfaighe tú aon-cháirde, mara bhfuil tú indon an seachadadh amach a dhéanamh."

"Bhí an seachadadh amach ceart go leor, aimsir a' cogaidh, nuair a bhí airgead ag na daoine chomh fairsing le spréidh-mhóin, ach caithfear fanacht le seifte anois" (féach "seifte")

"Ní bhfaighe tú aon-cheo isteach uaithe faoi'n Nodlaic mara ndeana tú an seacadadh-amach."

"Níl aon-mheas ar aon-chuisliméara annsiúd, ach a' té atá indon an seachadadh-amach a dhéanamh."

"Má bhíonn sé (i.e. an siopadóir) a' súil le seacadadh-amach igcomhnuidhe, is beag a' trácht a gheobhfas sé" = má bhíonn sé a' súil go n-íocfa duine ar bhall na h-áite é, ní bheidh mórán glaodhach ar a chuid earraidhthe."

"Aindeoin go gcaithfidhear an seachadadh amach a dhéanamh, tá candáil ar a bhfuil istigh 'na shiopa" = tá fuadach ar a chuid earraidhthe, aindeoin go gcaithtear íoc orra(b) ar a' táirnge.

"h-eitigheadh é, faoi mháilín plúir, in áit 'nach raibh sé indon an seacadadh-amach a dhéanamh."

"Tá'n t-áirleacan caithte aige, mara bhfuil sé indon an seachadadh amach a dhéanamh anois" = "ní bhfuighe sé aon-cháirde níos mó, mara bhfuil sé indon íoc ar a chuid earraidhthe ar bhall na h-áite.

"Nuair a bhí 'chuile dhuine indon a' seacadadh amach a dhéanamh, ba droch-dhíoluidhe í sin" = nuair a bhí 'chuile duine indon íoc amach ar a chuid earraidhthe, ní raibh aon-rath léithe sin ag íoc.

"Ní bhfuighe sé luach-leithpighne feasta, gan a' seachadadh amach."

"Tá sé 'faghail 'trust' sáthach fada. Caithfe sé an seachadadh-amach a dhéanamh anois, nó 'bheith dhá uireasbha."

"Tá anshógh ar dhuine ar bith nach bhfuil indon an seachadadh-amach a dhéanamh feasta."

"Ní bhfaigh(fh)ear tada annsiúd gan a íoc amach ar a' tairnge = ar bhall na h-áite = airgead síos.

"Íocann sé chuile shórt amach ar a' tairnge."

"Ní bhfaightheá luach na cianóige in aon-siopa inGaillimh, gan 'íoc amach ar a' tairnge."

"Íoc amach a chuid airgid leis" = íoc anois é = tabhair dó é.

"D'íoc sé amach 'chuile phighinn liom."

"D'íoc sé amach annsiúd é, as comhair a' tighe. Marab (sh)in é a dhiol fiadhnuise, níl fhios agamsa, cé'n scéal é."

"Cé'n fáth nar íoc sé amach thú faoi láthair."

"Cuir faoi ndeara dhó thú íoc amach ar bhall na h-áite."

"Ní dheacha sé anonn ná anall leis, ach a' phighinn bheag agus a' phighinn mhór a shíneadh amach aige."

"Ní dhearna sé filleadh ná feacadh, ach a íoc amach as láimh."

= "ní dheacha sé anonn ná anall leis, ach é íoc ar a' toirt boise"

"Íoc amach a' fear, a's ná bí 'sticéaracht' leis, níos fuide."

"Dhá mbadh fear gnaoidheamhail é, d'íocfadh sé amach a bhfuair sé, a's gan a bheith 'sceidínteacht leis" = dhá íoc in a chuideannaí.

"D'íoc sé amach 'chuile leithpighinn de'n spré leis, annsiúd, as comhair a raibh ann."

"B'éigin dó céad punt a íoc amach leis a' mbeainnc, ar aon-láimh amháin" = chaith sé céad-phunt a íoc leis an mbeainnc d'aon -iarraidh (d'aon-gheábh) amháin.

"Bhí air 'chuile mhíle pighinn dhá raibh amuigh air a íoc amach in éindigh."

Cas amach port = cas port. "Cas amach amhrán."

"Abair amach amhrán, mar dheanfadh fear"

"Cas amach é, a's ná bí dhá mugailt duit fhéin" = cas suas é, go gcloise chuile dhuine thú.

"Breagh nach gcasann tú amach an port, a's gan a bheith a' magadh leis."

"Cas amach stéibh fuinn" = abair amhrán."

"Cas amach stropa ceoil" = port.

"Dhá gcasadh sé amach port maith, gheobhfadh na daoine sás(amh) eicínt air, fharrus a bheith a' baint corr-uair mhí-ábh as sa gcúinne."

"Abair amach do chainnt ceart" = labhair árd agus soiléar.

"Innis amach do scéal ceart, a's ná bí dhá changailt dhuit fhéin."

"Is mise nach mbíonn dhá changailt, ná dhá chú-changailt (= chomh-cangailt) ach a innsighea(nn)s amach do'n teach é" (scéal)

"Labhair amach, go mbeidh fhios ag na daoine, céard 'tá tú a rádh."

"Breagh nach labhruigheann tú amach, a's gan a bheith plúchadh na cainnte mar sin."

"Is tú atá neámhaidhe againn. Nach bhféadfá do chuid cainnte a chuir (dh)íot amach, go gcloiseadh chuile dhuine í" = tá do chuid cainnte ro-lag, ro-phlúctaighthe etc.

"Do chumhachta cinn, ní chuirfeadh a' labhairt amach é, hébrí, cé sort faisean gránda thug sé faoi deara dhó fhéin."

"Abair amach é, má tá aon-cheo le rádh agad."

"Dubhairt sé amach é, as comhair chuile dhuine" = d'innis sé é; ní dhearna sé rún dhe; níor choinnigh sé istigh é.

"D'innis sé amach faoi Bh. as comhair a raibh ann (as comhair lán a' tighe, etc).

"Ní raibh cás ná náire air 'rádh amach, gurb é fhéin a rinne é."

"Shílfeá go mbeadh caothamhlacht eicínt ionnad, agus gan a leithide sin de chainnt a rádh amach as comhair lán tighe."

= shílfeá go mbeadh náire ort, nó fios do labhartha níos fhearr agad, ná dhul a' rádh a leithide sin de rud as comhair lán tighe de dhaoine.

"Ba chóra duit é 'thabhairt ar cúlráid ná 'é rádh amach leis as comhair Sheáin."

"Níl fascadh 'bith sa gceann sin, má d'innis sé amach é, th'éis gur chuir mé pearbhúl air gan é 'innseacht."

"Dubhairt sé amach é gan frapa gan taca" = "chaith sé an chainnt, gan

gan coimhthigheas gan muisiam ar bith faoi.

"Dubhairt sé amach é, agus níor miste leis cé 'chuala é."

"Ní ar chúla an chlaidhe a rachainnse leis chor a' bith: déarfainn amach é."

"Níl aon-mhaith dhuit a dhul ar chúla téarmaí chor ar bith leis: abair amach leis é."

"Séid amach na builg" = séid suas.

"Spréidh amach an iomaire."

"Cuir amach an garruidhe" = cuir leat; fóduigh é.

"Imir amach cártaí" = imir leat iad.

"Déan amach do chuid oibre" = dean leat í; teirigh (c)un cinn léithe

"Bain amach fataí, agus ná bí 'leaduidheacht."

"Scar amach móin, agus ná bí in do staidhce annsin, a(gh)inn."

"Cuir amach feamuinn" = tabhair ó'n gcladach í, go dtí guirt atá le leasú.

"A' cuir amach fheamuinne atá sé ar an aimsir sin."

"Tá glaicín fheamuinne le cur amach a(g)am na laetheantaí seo."

"Ní gan í gan ó (úidh gan óidh?) an fheamuinn chéadna a chuir amach."

"Má's leat aon-sop feamuinne a chuir amach, tá sé chomh maith duit an t-asal a shrathrú."

"'Bhfuil cárnán na dúirlinge amuigh fós agad" = tugtha go dtí na páirceannaí atá le leasú.

"Tá sé in am agad an ghlaicín fheamuinne sin a bheith amuigh agad feasta."

"A' cuir amach aoiligh atá sé indiu" = a' tárlú aoiligh ó'n gcarn aoiligh go dtí na garrdhantaí.

"Coinnigheadh ón scoil é, le aoileach a chuir amach."

"Tá sé 'cinnt orm aoileach a choinneál amach leis a' mbeirt" = tá sé 'cinnt orm an oiread aoiligh a choinneál tarraingthe go dtí an garrdha agus a leasóchadh a bhfuil siad indon a chur nó 'fhódú.

"Cuirfe muid amach múirín ar Gharrdha na h-Átha an tseachmhain seo chugainn."

"'Bhfuil aon-bhaoghal ort an carn aoiligh thiar a bheith amuigh agad fós."

"Bhí an t-aoileach amuigh, ach ní raibh sé scartha."

"Tá sé cur amach mhóna na laetheanta seo" = dá tárlú ó'n bportach go dtí áit chóireamhail le cruaich a dheanamh dhi, nó go dtí áit a bhféadfaí dhul go dtí í go réidh, sa ngeimhreadh, nó go dtí an bóthar.

"'Bhfuil aon-iarracht ar a' móin a bheith amuigh agad" = aon-bhaoghal í 'bheith tárluighthe de'n phortach.

"Le asal a's cléibh atá sé cur amach na móna."

"Tá sé cur amach mhóna ar a dhruím, mar ní shiubhalfadh an fiadh an áit atá le dhul aige."

"Cá'ide go mbí an lag-pholl amuigh agaibh."

"Ba cheart go mbeadh an bruach amuigh indiu nó ambáireach."

"Níl na goigíní 'san ath-pholl in alt a gcur amach fós, mar níl aon únalach (= ionnlach) de'n rath aca(b)" = níl na gróigíní atá ar an lag-pholl sáthach tirm le gcur amach fós, mar tá'n plás fliuch fútha(b).

"Tá an-chuir-amach ar a' móin de'n phortach thiar" = aistear fada le na tabhairt.

"Is fada an cuir-amach atá air leis a' móin — tá sé míle go láidir." = tá air í a tharraingt míle nó as a chíonn.

"Is diabhaltaidhe an cur-amach atá ar N. Ph. leis a' bhfeamuinn go dtí barr a' bhaile."

"Ní fhéadfa mé 'chuir ar an asal, ach lúscáinín beag aoiligh, mar tá'n cuir-amach ro-fhada" = ní fhéadfa mé a chuir ar an asal ach uailín (ualaichín) beag aoiligh, mar caithfe sé é 'thabhairt achar fada."

"Tá cuir-amach fada orm — agus bealach aistreánnach."

"'Bhfuil cuir-amach fada orraí(bh)se leis a' móin."

"Níl mórán cuir-amach orainn leis a' móin, ach tá cuir-amach

diabhalta leis a' bhfeamainn, mar tá'n talamh uiliog
an-fhada amach."
"Tá cur-amach mór orra(b) leis a' ngaine(amh)" = tá
orra(b) é tharraingt bealach fada.
"Tá tinneas droma orm, de bhárr an chuir-amach fhada 'bhí
orm ó mhaidin leis a' bhfraoch"
"Dhá ndeanaidís a' bóthar amach go gleann an fhiadha, ba bheag a'
bhrigh a mbeadh de chur amach ar a' móin."

"Chuir sé leadhb (foghar — le'aghaidhb.] dá theanga amach fúm"
"Ná cuir amach do theanga níos mó, ar mhaith leat fhéin."
"Bhí leota dhá theanga amuigh aige fúithi." = le fonóid uirre, le
droch-mheas uirre.
"Ná feicimse do theanga amuigh agad níos mó, nó beidh mé
gabhail ort, an fhad's gheobhfas mé teas in do chraiceann."
"Shoraidh dhíot, mara gránda an faisean a thug tú dhuit
fhéin, do theanga bheith sáithte amach agad 'chuile
phuinnte."
"Dhá gcuirtheá do theanga bheag amach, anois, ní bhfaighe tú aon-
ghreim aráin níos mó" = is cosamhail go mbeadh duine thart
críochnuighthe le ocras, tart etc, nuair a chuirfeadh sé a theanga
bheag amach.
"Bhí a theanga bheag amuigh aige, leis a' tart."
"Dhá gcuirtheá do theanga bheag amach, an Nodlaig seo,
d'uireasbha poitín, ní bheadh aon-ghoir agad sileadh 'fhaghail."
"Is cuma liom, dá gcuirtheá do theanga beag amach, sé'n
chás amháin duit é, ní chuirfear aon
tae síos duit, go mbí sé ar aon-chur síos amháin."
"Bhí mé 'cuir mo teanga bheag amach leis a' tart, agus
gan aon-deor le faghail."
"Cuir do theanga bheag amach, má's breagh leat é, ach
níl sileadh le faghail a(g)ad."
"Tá mé 'cuir mo teanga bheag amach sa ngarraidhe ó
mhaidin, le teann tairt, agus ní chuimhneochadh sib ar

dheoch a thabhairt agam in a dhiaidh sin."

"Bhí an lá chomh te agus go raibh an fiach dubh 'cur a theanga amach"

= lá an-mheirbh ar fad a gcuirfeadh an fiach dubh a theanga

amach.

"Dhá mbeadh sé chomh meirbh agus go gcuirfeadh an fiach dubh a theanga

amach, ní chaithfeadh sé anuas an sean-rapur" (= an sean-chóta)

"Ní thuitfeadh aon-deoir alluis leis a's bíodh an fiach dubh 'cur

a theanga amach."

"Ní thiocfadh sé taobh amuigh de dhorus, d'uireasbha a chóta

a's bíodh an lá chomh meirbh a's go gcuirfeadh an fiach dubh

a theanga amach."

"Dhá mbeadh a theanga amuigh ag an bhfiach dubh, d'fheicfeá an

cochall faoi'n muineál aige 'na dheidh sin."

"Tháinic cuir-amach air" = fonn múisc; urlacan.

"Bhuail fonn cuir amach mé" = bhuail fonn múisc mé.

"Bhuail cuir-amach mé, i gcead (d)o(n) chomhluadar th'éis an

éisc 'ithe."

"Tháinic cuir-amach orm, agus níor fhága mé aon-cheo in mo phutóig

nar chuir mé aisti."

"Cuireann fuisce cuir amach orm, 'gcead (d)o(n) chomhluadar

i gcomhnuidhe"

"Chuir sé amach ar ith sé aríst."

"Bhuail fonn múisc é, agus chuir sé amach 'chuile dheoir (d)ár

ól sé ar ais aríst"

"Is olc é 'n cuir amach sin."

"Tá cuir-amach air i gcomhnuidhe. Níl glacadh ag an mbolg

le tada."

"Má thagann cuir-amach orm, tá mé réidh aríst go maidin."

"Nuair a thaga(nn)s ualach air cuireann sé amach é."

"Níl goir agam fata 'bith ithe, nach mbuaileann brúchtaoighil

a's cuir-amach mé."

"Is fearr amuigh ná istigh an t-ualach sin."

"Níl aon-acfuinn óil agad, má chuir an méid sin a' cur amach thú."

"Dhá bhfaghainn a' méid seo amuigh, bheadh liom."

"Chuir sé amach a raibh in a bholg" (in a phutógaí, istigh)

"Ghlac mé col le droch-uibh an lá faoi dheire, agus chuir mé amach gach's a raibh 'mo phutógaí."

"Uisce glas a chuir sí amach."

"Tá sé faghail a cheart le déanamh ó'n gcuir-amach, aríst."

"Chuir mé amach ramallae a's réama ar cealacan indiu."

"Chuir an bhó a lúth amach" = páirt dá putógaí nó dá dubhánaí.

[cuireann beithidhigh amach amanntaí é]

"Dhá gcuirtheá do lúth amach leis, ní dhéanfa tú é" = dhá ndéantá do sean-dicheall leis, cínnfe sé ort.

"Tá a lúth amuigh aige, ag obair." (Tá a thóin amuigh ag obair)

"Beidh a lúth amuigh, shul (dh)á bheidheas an garraidhe siúd thuas curtha aige."

"Má maireann dó, ar a' bhforú sin, beidh a lúth amuigh, shul (dh)á bheidheas sé críochnuighthe."

"Tá a sceadamán amuigh aige, ag obair" [sceadamán = muinéal]

"Cuirfe sé a sceadamán amach in éadan na feamainne."

"Nar chomhnuighe sé, go gcuire sé a sceadamán amach ag obair!"

"Tá mo sceadamán amuigh agam a' sleághdóireacht ó mhaidin."

"Is mó a d'fheilfeadh néal chodlata dhom, ná damh(n)sa — fear a bhfuil a sceadamán amuigh aige, a' deanamh bóthair le seachtmhain."

"Tá a thóin amuigh le olc." = an-olc air.

"Bíodh a thóin amuigh, má thogruigheann sé" = bíodh olc nó stuaic air, má's breagh leis é.

"Tá a thoin seo thíos amuigh aríst, agus gan fhios cé'n fáth"

"Níl aon-lá dhá n-eirigheann uirre sin, nach hé a toin atá amuigh. Tá sí ro-stuacach ar fad."

"Tá a easnachaí amach thrídh na chroiceann, tá sé chomh caithte sin."

"Tá na síolta a' cuir amach" = baslógaí a' fás as na súile = iad a' goineadh.

"Níor thosuigh siad a' cur amach fós" = na síolta, fataí etc.

"Is fada go bhfuil na crainnte a' cur amach imbliadhna."

"Tá baslógaí amuigh aca cheana" = (síol fataí)

"Níl mórán cuir amach déanta aca(b) fós."

"Fág annsin iad go ndéana siad tuille cuir amach."

"Má déanann siad mórán eile cuir amach, ní bheidh siad inrásta iad a chur chor a' bith." "Badh cheart do na fataí sin a bheith goineadh amach feasta."

"Tá a chois (a láimh, a ghualainn, a ordóig etc) amuigh aige" = curtha as áit; níl sé chomh dona le briseadh.

"Chuir mé m'órdóig amach, leis a' dorna 'thug mé dhó."

"Sciorr sé sa gcladach, agus chuir sé amach a rúitín."

"Ní liúnta (= leonta) atá do chois chor a' bith, ach amuigh."

"Buaileadh in aon-tuairt amháin in éadan a' chlaidhe é, agus cuireadh a ghualainn amach."

"Má tá do chois amuigh, ní mór dhuit a dhul (ch)uig fear cnámh, le na deasughadh dhuit."

"Bhí sí taithte 'na chéile, marach gur chuir sé amach aríst í."

"Má's amuigh atá sí nó nach h-eadh, níl aon-ghoir aige a mheadhchan a leigean uirre fós."

"Chuir mé mo laidhiricín amach, chomh fánach a's chonnaic tú ariamh."

"Má tá do rúitín amuigh, is fhearr dhuit a dhul roímpe in am."

"Má chuireann tú amach aríst í, gheobhfa tú rud le déanamh uaithe."

= má chuireann tú as a h-áit aríst í, beidh fiannuidheacht uirre, sul a mbí sí cneasuighthe, agus b'fhéidir mar sin fhéin, go mbead sí gabhail romhat i gcomhnuidhe.

"Mo chuid tubaiste leis, tá m'alt amuigh a(gh)am leis."

"Rugthas ar mo chois sa strapa, agus tá faitchios orm, mara bhfuil ag Dia, go bhfuil sí amuigh."

"Tá a shlinneán amuigh aige."

"Bhain sé stangadh as féin, agus tá faitchíos air, gur chuir sé amach a ghualainn."

"Tá cois bhocht aige, in áit ar chuir sé amach í, leis an liathróid."

"Corruigh amach anois" = déan deifir bí bruideamhail; géaruigh do choisméig.
= "chorruigh sé amach, nuair a bhí sé chomh fada le árd-Iothlainn Sheumais."
"Ní mór duit corruighe amach thairis sin, nó ní bhéarfa muid ar a' tsochraide."
"Corruigh amach a's ná bí 'roighineadóireacht mar sin"
"Mara gcorruighe tú amach, ní bhéarfamuid ar an Aifreann."
"Corruigh amach, agus eirigh as a' tsnámhuidheacht sin, nó beidh 'chuile shórt thart romhainn."
"Mara gcorruighe tú amach, beidheamuid báidhte go craiceann"
[corruighe amach = a dhul amach as a' teach freisin].
"Bog amach" = géaruigh amach sa siubhal; deifrigh.
"Ar a dhul soir ar Árd-Dhoire Locháin dúinn, bhog muid amach" = ghéaruigh muid sa siubhal.
"Bog amach anois, nó beidh muid deireannach."
"Is deacair leis bogadh amach, ach ar an imtheacht céadna i gcomhnuidhe."
"Mara mboga tú amach, ní bheidh duine ná deoruidhe romhainn."
"B'éigin dom bogadh amach go maith, ó na forbacha soir, nó bheadh sé thar am orm"
"Bog amach" = imthigh, nó tabhair an áit amach ort féin; nó teirigh ag giorrú an bhóthair.]
"Tá sé in am againn a bheith 'bogadh amach" = ag imtheacht.
"Tuige nar bhog tú amach fós." = tuige nar imthigh tú.
"Tá sé thar am a(gh)ainn a bheith bogadh amach, maran leis an áit seo go maidin muid."
"Cheal (ceadh, cé) nach bhfuil sé in am a bheith a' bogadh amach feasta."
"Ní f'lár (= fuláir) dhúinn a bheith bogadh amach noiméad a' bith anois, má's linn a bheith sa mbaile ó ló."
"Tá sé bogtha amach (c)un báistighe" = é teacht 'na bháisti(gh).
"Bogfa sé amach 'na bháisti(gh)."
"'Sé 'chosamhlacht go séidfe sé amach anois í" = báisteach.

"Tá sé bogtha amach (nó bogtha)" = súgach, buille óltach.

"Sé'n t-ól a bhog amach é agus a bhain a' chainnt as."

"Má bhogann sé amach 'un cainnte, gheobha sib píosa (i.e. grinn) air."

= má bhaineann sé amach (c)un cainnte, beidh siamsa le fághail air"

(ní móide go mbeadh a' t-ól i gceist annseo chor a' bith)

"Is deacair é 'bhogadh amach" = é 'chur a' cainnt go spleodrach.

"Nuair a gheobhfá bainte amach é, ní féidir a bhéal a dhúnadh" = ní

féidir é chur na shost, ó thiocfas fonn cainnte air.

"Ó bhainfeas sé siúd amach, níl aon-chuideachta go h-éag mar é"

= ó thosochas sé 'cainnt go spleodrach, is an-chuideachta é.

"Is doiligh é 'baint amach ach dhá bhfághthá ar siubhal aon-uair amháin é,

b'fhearr duit ag éisteacht leis, ná le píobaire."

"Ghéaruigh sé amach sa siubhal" = bhain sé nó bhog sé amach; nó dheifrigh sé

amach sa siubhal.

"Tá sé a' géarughadh amach anois, buille beag thar mar bhí sé" = a'

deifriú amach nó a' siubhal amach.

"Siubhail amach" = déan deifir [sin í an ghnáth-chiall a bhíos leis sin.

Dá dteastuigheadh uait duine a thabhairt as teach, nó áit de'n

tsórt sin, 'séard adéarfá: tara uait, nó tara uait

amach", nó "teanam amach", nó "siubhail uait (nó leat) amach"]

"Siubhail amach go beo" = déan deifir.

"Caithfeamuid siubhal amach le breith air."

"'Bhfuil tú indon siubhal amach thairis sin. Má bhíonn tú ar a'

roighineadóireacht sin, ní bheidheamuid sa mbaile go maidin."

"Cuir bealadh faoi t'ioscadaí agus siubhail amach."

"Ní féidir é 'chur a' siubhal amach."

"Sceinn amach" = (i) a dhul amach de sciotán thar …

[foghar scinn] (ii) feabhsú, leigean i mbeithideach nó induine.

"Sceinn sé tharm amach" = scoth sé mé de sciotán.

"Is air nach raibh an mhoill sceinneadh amach thar a' gcarr."

"Is maith atá an bhudóg a' sceinneadh amach" = is maith atá sí a'

feabhsú; ordú a' teacht uirre.

"Tá'n gamhain sin an-sceinnte amach le goirid" = méid agus ordú

tagaithe air.

"Tá T. Ch. an-sceinnte amach le tamall."

"Tá sé sceinnte amach go breagh anois" = tá feabhas, méid, nó slacht air, thar mar bhíodh.

"Corrócha corr-dhuine amach anois" = pósfa corr-duine anois.

"Tá corr-starróg a' corruighe amach an Inid seo" = tá corr-duine a' pósadh an Inid seo.

"Corrócha starrógaí an Inid seo" = pósfa daoine an Inid seo.

"'Bhfuil cuimhne 'bith agad corruighe amach" = pósadh.

"Tá sé in am acab corruighe amach anois, mar níl acab ach coicís eile."

"Má's leat aon-chaoi 'chuir ort fhéin 'choidhchin, tá sé in am agad corruighe amach feasta" = má's leat pósadh choidhchin tá sé in am agad bean a thóruidheacht feasta.

"Bhí sé thar am aige corruighe amach = pósadh.

"Tá siad a' corruighe amach anois i leaba a chéile."

"'déanamh amach" = soláthar; tuiscint; fhaghail, a' deanamh.

"B'fhearr dhuit bean a dheanamh amach dom" = a thóruidheacht, a fhaghail; a chuir le bonn.

"Tá sé ar a dhicheall ag iarraidh bean a dheanamh amach do Sheán, agus é 'cínnt air."

"Níl fhios againn, faoi'n mbogha bán, cá ndéanfadh muid a dhíol de bhean amach dhó."

"Má tá sí sa tír, déanfa sé siúd amach í, feicfe tú féin."

"Is deacair a dhíol de bhean a dheanamh amach dó siúd."

"Níl fhios agad áit a' bith 'bhféadfá madadh a dheanamh amach do dhuine?"

"Tá 'bhfuil istigh 's amuigh againn ithte ag luchain. 'Bhféadfá ughdar maith cuit (= cait) a dheanamh amach dhom in áit a' bith?"

"Tá mé ag iarraidh broma(igh) a dhéanamh amach in áit eicínt agus é 'cinneamhaint orm."

"Dubhairt P. D. liom coca feamuinn tirm a dhéanamh amach dó, in áit eicínt."

"Déanfa mise amach coca féir tirm amach duit, má tá sé sa tír."

"Ba cheart duit fiachaint (= féachaint) le ughdar maith asail a dheanamh amach dom, soir faoi'n Achréidh."

"Níl fhios agam faoi mo righe, cá ndéanfa mé amach gearrchaile mná dhó."

"Cé'n chaoi 'bhfuil tú a' déanamh amach, ar an aimsir seo" = ag (dh)ul ar aghaidh; a' cruthú. [Achréid. cé'n chaoi 'bhfuil tú 'deanamh?" = Conamara]

"Tá sé a' déanamh amach go maith" = ag dul 'chun cinn go maith, a' cruthachtáil go maith.

"Bhuel, cé'n chaoi bhfuil tú a' déanamh amach ó chonnaic mé faoi dheire thú?" = "cé mar atá tú a' déanamh amach?"

"Tá sé 'deanamh amach go maith, le scathamh."

"Déanfa sé siúd amach go maith is chuile áit."

"Déanfa mé amach an méid sin airgid ar chaoi eicínt" = déanfa mé é a sholáthar; gheobha mé in áit eicínt é.

"Is deacair airgead a dhéanamh amach, l'aghaidh 'chuile shórt ar a' saoghal atá ann"

"Níl fhios a(gh)am beirthe ná beo, cé'n chaoi 'ndéanann na daoine airgead amach do chuile rud dhá dtagann treasna orra(b) agus a laghad slighe a's atá aca(b)."

"Tiocfa sé righte liom an oiread sin airgid a dhéanamh amach, idir seo, agus an lá cáirde."

"Cé'n chaoi 'ndéanfa mé amach an cíos imbliadhna?"

"Cínnfe orm airgead leasú a dhéanamh amach, an bhliadhain seo chugainn, ach grásta dé."

"Cé'n tslighe atá agamsa, le airgead leabhar a dhéanamh amach dhaoib."

"Is deacair seifte a dhéanamh amach, agus gan cearc a' gabhail liom a' breith."

"Cá ndéanfa mise seifte amach l'aghaidh chuile sórt?"

"Caithfear luach péire banbh a dhéanamh amach in áit eicínt."

"Dhá dteigheadh an cut sa ngarrdha gabhann, caithfear luach tobac a dhéanamh amach dhomsa."

"Tá sé 'gabhail righte le daoine bochta, díol a bhfreastail a dhéanamh amach ar a' saoghal seo."

"Má fhéadann tú riar do cháis a dhéanamh amach, céard eile 'tá uait?"

"Caithfear dualgas a' tsagairt a dhéanamh amach in áit eicínt."

= airgead, tuarastal a' tsagairt.

"Le strapadóireacht ad'eirigh liom an méid sin airgid a dheanamh amach" (féach "strapadóireacht").

"Marach chomh maith 'na soláthruidhe, a's tá sí, thiocfadh sé righte léithe an cíos a dheanamh amach."

"Ní fhéadfainn a chuid scríobhnóireacht' a dhéanamh amach" = ní fhéadfainn í a léigheamh, nó a thuiscint.

"Ní raibh mé indon déanamh amach, céard a bhí sé 'rádh" = ní raibh mé indon a thuiscint

"Is deacair déanamh amach cé'n chaoi 'ngabhfa an cogadh sin as a dheire"

"Tá sé deacair a dhéanamh amach, cé'n chaoi 'maireann sé chor a' bith."

"Ní dhéanfadh an scoláire is fhearr sa tír, amach rud a' bith dhá scríobhann sé."

"Ní fhéadfá oiread a's focal dhá chuid Gaedhilge a dhéanamh amach."

"Níor fhéad mé tada dhá bhfaca mé ar na páipéir sin ariamh a dhéanamh amach"

"Léighfeadh sé an Ghaedhilge go maith, ach ní bheadh sé indon í 'dhéanamh amach, agus thú dhá labhairt leis."

"Níl mé indon deanamh amach, chor a' bith, céard a thug annseo é" = níl mé indon a thuiscint etc.

"Is doiligh a dheanamh amach, a mbeidh cogadh ann nó nach mbeidh."

"Tá sé cruadh ag duine bealaighe an fhir sin a dhéanamh amach chor ar bith" = is deacair do dhuine a chuid béasa a thuiscint.

"Níor fhéad mé déanamh amach ariamh, ab é a ghoid é, nó nach hé."

"Déanfa na póilíos amach é, feicfe tú féin" = tuigfe siad é; gheobha siad ughdar leis.

"Tá mé 'deanamh amach, go mb'fhearr leis eirghe as anois" = tá mé ceapadh

"Tá mé deanamh amach nach dtiocfa sé Gaillimh ambáireach" = tá mé ceapadh

"Fir is fearr eolus ná muide, tá 'sé 'cínnt orra(b) an scéal sin a a dhéanamh amach."

"Chinn ar a' dochtúr a dhéanamh amach céard a bhí orm, ach ar nú (= ar ndóigh) ach an oiread le scéal, níl a' dochtúr céadna indon tada a dhéanamh amach."

"Mara ndéana sé siúd amach céard 'tá ort, is cruadh an cás é."

"Chinn orm an áit a dhéanamh amach 'san oidhche" = chinn orm eolus a dhéanamh ann, nó é 'fhaghail amach.

"Ar éigin Dé, a rinne mé amach ceann a' bhóithrín chor a' bith, bhí sé chomh dubh sin."

"Má theigheann tú an bealach atá mise a rádh leat, ní bheidh stróbh a' bith ort an tsráid a dhéanamh amach."

"Ní féidir aon-áit a dhéanamh amach ann, mar níl aon-ainmneachaí ar na sráideanna."

"Do chumhachta cinn a's ní dhéanfadh a' teach amach de shiubhal oidhche."

"Is deacair a' sean-chasán a dhéanamh amach 'san oidhche."

"Fuair mé rud le déanamh agus an teach a dhéanamh amach, mar ní raibh mé ann ariamh, ach uair amháin fadó an lá."

"Má choinnigheann tú leis an abhainn, go dteighe tú go dtí an charra bheag, is furasta dhuit an áit a dheanamh amach."

"Níl aon-teach sa tír is fusa a dheanamh amach ná é, arae tá sé ar shúil a' bhóthair."

"Nach mór a bhí an mheabhair caillte agam, a's go raibh sé 'cínnte dubh a's dubh orm, an geata s'a(gh)ainn fhéin a dhéanamh amach."

"Bhí fóidín mearadh nó ciméar eicínt orm, mar chaith mé an oidhche ag (dh)ul síos a's suas, a's é 'cinnt orm a' bóthar a dhéanamh amach."

"Is éasca an casán a dhéanamh amach, má fhanann tú siar go maith faoi'n sliabh."

"Déanfa tú do bhealach amach le laindéar."

"Ní dhéanfa tú an casán amach choidhchin, d'uireasbha soluis."

"Má's aineoluidhe tú, is ar a chruadhchúis duit, teach a' damhsa a dheanamh amach."

"Sé clocha síolta 'bhí ceaptha amach agam dó" = leagtha amach nó curtha in áithrid.

"Tá an oiread seo spré ceaptha amach aige, hébrí cé'n uair a phósfas sí."

"Tá ionann's leath-mhilliún punt ceaptha 'mach do'n "dole" i imbliadhna." = curtha i leithrigh.

"Tá sé 'ceapadh amach, nach ceart araoid a' bith a chuir air fhéin faoi thada" = dar leis fhéin, nach ceart araoid a' bith a chuir air faoi thada.

"'Séard tá mise a cheapadh amach, nar iarr sé í ó thús, deire go tosu(igh)"

"Tá'n bóthar sin ceaptha amach acab le déanamh an chéad bhliadhain eile."

"Céard tá ceaptha amach anois aca(b)?"

"Tá dlighe nuadh anois ceaptha amach, le go bhfaighe baintreabhachaí pinsean."

"Tá a chuid fhéin do'n sliabh ceaptha amach do chuile dhuine"

[Féach ceaptha le h-aghaidh tuille samplaí]

Leagtha amach [féach "leag"]

Buailte amach = sáruighthe; níos fearr; scoithte.

"Tá sé buailte amach i bhfoghluim ag mo mhac-sa" = tá sé scoithte i bhfoghluim ag mo mhac-sa.

"Is gearr go mbí an baile buailte amach aige, má mhaireann dó" = is gearr go mbí sé níos fhearr ná aon-duine eile ar a' mbaile.

"Bhuail sé amach é, ag obair."

"Tá sé buailte amach in airgead aige."

"Buailfe sé amach 'chuile dhuine ar a' bhfeadhain aca(b) a' coisidh-eacht."

"Bhuail sé amach é, agus 'se bhí deas air, a' carruidheacht."

"Tá Pádraicín, buailte amach ag a' scoil aige, aindeoin é 'bheith

tosuighthe i bhfad roimhe."

"Is gearr air siúd, 'chuile mhac a' pheata agaibh a bhualadh amach."

"Nach hé atá meabhrach, má bhuail sé amach uiliog iad."

"Tá C. buailte amach aice a' sciolladóireacht" = is fearr de sciolladóir í na C.

"Tá mo chuid bainbh-sa buailte amach ag bainbh Mháirtín N. th'éis gurab é an lá amháin a cheannuigh muid iad."

"D'eireochadh dhóib iad a bhualadh amach, mar fuair siad an bheathú, rud nach bhfuair gamhna Sh."

"Is beag an dochar do Taimín, an ceann s'aghainne 'bhualadh amach, mar coinnigheadh ag a' scoil é, 'chuile lá."

"Tá 'bhfuil sa tír buailte amach aice le droch-(mh)úineadh agus gadhruigheacht."

"Bhuail sí amach an capall s'aghainne" = scoth sí í.

"Ní bhfaighe sé crathadh 'bith do laogh-sa a bhualadh amach, ma fhaghann sé aon-aire chóireamhail chor a' bith."

"Tá 'bhfuil eile ar a' mbaile buailte amach aige, leis a' gcur imbliadhna, agus b'annamh leis."

"Buailfe sé amach muid, nó is maith 'bheidheas muid ar a' (= ar) maidí."

"Tá'n dúithche buailte amach imbliadhna aige leis a' móin" = tá sé bainte aige in tosaigh ar aon-duine eile ar a' dúithche.

"M'anamsa ná raibh ag a' diabhal, má tá mac S. Th. indon thú bhualadh amach feasta choidhchin, gur h-olc an aghaidh aráin thú."

"Má tá tú buailte amach ag a' gcaracháinín sin, ná bac leat fhéin."

"Bhí mise a' ceapadh go raibh muca an bhaile buailte amach ag cuid N. agus a raibh de ghaisce aice asta(b)."

"Tá sé baramhlach go mbuailfe 'inghean fhéin amach fré chéile iad inGaillimh (i.e. sa scrúdú). Deir sé nach bhfuil cinneadh ' bith léithe in a scoláire."

"Má chinn air, a' sneádhacháinín sin a bhualadh amach, ná teigheadh sé a' carruidheacht le na shaoghal arís."

"Is mairg a bheadh a' súil le maith uaidh, má bhuail S. amach é, mar sin."

"Is mór a' suaimhneas dom a' t-ualach sin a bheith curtha amach de mo chroidhe" = is mór a' sólás dom, an méid sin sciolladóireacht a bheith déanta a(gh)am, nó'n méid sin cainnte a bheith ráidhte.

"Tá sé sásta anois, ach an méid sin a bheith amuigh aige" = ráidhte.

"Nuair a chuir sé an t-ucht sin amach (nó dhe), ghread leis." = nuair adubhairt sé an méid sin, d'imthigh leis.

"Chuir sé ucht breagh cainnte amach dá chroidhe."

"Bhí sé sásta, ach a' méid sin a chuir amach." = a rádh.

"Nuair a fuair sé an méid sin cainnte amuigh, níor tháinic druid uaidh arís igcaithe(amh) na h-oidhche."

"Is breagh uaidh amhrán a chuir amach dá chroidhe" = é 'rádh.

"Dubhairt sé amach ó na chroidhe é (ó na chroidhe amach)" = dubhairt sé dháiríre píre é.

"Sin í lom-chlár na fírinne ó mo chroidhe amach."

"Tá a chuid droch-éisc a' teacht amach anois" = tá a dhroch-fhaltanas dhá theasbánadh aige anois, nó tá sé 'leigean a chuid uilc amach anois.

"Tiocfa a chuid droch-éisc amach anois."

"Tiocfa an scéal ar fad amach anois" = cloisfear an scéal ar fad anois.

"Tiocfa sé ar fad amach leis an aimsir."

"Anois atá sé 'teacht amach fré chéile"

"Glac t'ionbhadh agus feicfe tú fhéin air, go dtiocfa an scéal ar fad amach i leaba a chéile."

"Nach fada go dtáinic sé amach" = nach fada gur puibligheadh an scéal.

"Is fadó an lá ó 'bhí an scéal sin ann, agus nach fada go dtáinic sé fré chéile amach."

"Fritheadh amach bréagach é" = tuigeadh gur innis sé bréag.

"Má fhaightear amach bréagach thú, tiocfa sé daor ort."

"Má fhaightear amach bréagach thú, ní chreidfidhear aon-fhocal uait arís le do ló."

"Is fada a' scithleigeadh bréag é, ach tá sé faighte amach faoi dheire."

"'Dhá fhada dhá dteigheann a' mada ruadh, beirtear air sa deire'. Tá sé in am acab é 'fhaghail amach bréagach."

"Má fhaightear amach an ghaduidheacht air, gheobha sé garbh é."

"Má tá indán's go bhfuighe sé amach go raibh aon-láimh a(gh)ad ann, níl aon-ghna(ithe) sa tír a(gh)ad."

"Má fhaghaim amach níos mo do dhiaidh, beidh scéal agad air" = má chloisim go raibh tú a' cainnt arís fúm, geobha tú garbh é uaim.

"Ná faghaimse focal eile amach in do dhiaidh arís go deo, ar mhaithe leat fhéin."

"Má fhaghaimse an méid sin amach in do dhiaidh, ní chloisfe tú aon-cheo uaim arís le do ló."

"Tá sí sin an-chabach. Níl aon-smid dhár dhubhairt mé as a comhair, nach bhfuair mé amach arís in a diaidh."

"Ná h-innis tada dhi sin, nó gheobha tú amach na diaidh arís é."

"Ná leig amach é sin anois" = ná h-innis é sin.

"Má chloisimse go leigfe tú amach aon-smid de'n méid seo, bainfe mé an teanga amach ó'n dúid díot."

"Seachain a' leigfeá an chainnt sin amach le aonduine, nó {ní} bheadh aon-ghna(ithe) beo aghainn, dhá gcloiseadh sí tada in a' (= ar) ndiaidh." "Do dhubhshlán fagh tada amach in a dhiaidh"

"Dhá mbeadh aon-chaomhamhaint innte, ní leigfeadh sí amach é."

"Seán fhéin a leig amach é, agus ní aonduine eile."

"Leig sé amach 'chuile fhocal dá'r chuala sé, th'éis gur chuir mé pear(bh)úl air, gan cainntiú air, le aon-duine."

"Níor fhága sé an focal fhéin, nar leig sé amach — an cabaire."

"Níl goir agad cainntiú ar thada leis, nach bhfuil leigthe amach aige, leis a' gcéad duine a chasfas leis."

"Níl aon cheo istigh nach bhfuil amuigh, nuair a bheidheas aon-deoir caithte aige" = innsigheann sé a mbíonn in a bholg nuair a bhíos aon-deoir ólta aige (féach istigh).

"Má leigeann sé tada amach leat, fúmsa, abair nach raibh láimh a' bith agamsa ina chuid móna" = má cainntigheann sé ormsa, abair nach raibh baint ná páirt agam le na chuid móna.

"Níor leig sé aon cheo amach fút chúns bhí mise a' cainnt leis

ar aon nús (= nós)" = níor labhair sé ort, níor leag sé
tada ort.
"Is deacair leis tada a leigean amach, mara dteightheá dhó, go h-an
chliste." = is deacair leis labhairt ná trácht ar thada gan pléidh leis
go h-ealadhanta.
"Má tá aon-cheo aige in t'aghaidh, níor leig sé amach liomsa é."
"Má tá olc a' bith air, ní leigfeadh sé sin amach" = ní thiubharfadh
sé le teasbáineadh ná le n-ínnseacht go bhfuil.
"Nuair a bheadh cuthach féin air, ní leigfe sé amach é"
"Is corr-mhéineamhail a' duine é. Dá mbeadh fonn air' thú sháthadh, ní
leigfeadh sé ceo dhá chuid uilc amach leat." = ní thiubharfadh sé
le teasbánadh dhuit é.
"Dheamhan a dhath dhá chuid droc-mhúineadh a leig sé amach liomsa
ariamh" = níor 'sbáin sé aon-cheo dhá chuid droch-mhúineadh domsa
ariamh.
"Dheamhan cheo dhá chuid feirge a leig sé amach liom fhéin ariam,
pé brí caoi a raibh sé le daoine eile."
"Má tá cantal air, dheamhan ar leig sé sin amach liomsa."
"Dhá mbeadh imnidhe an domhain air, ní leigfeadh sé sin amach
le aon-duine."
"Ní leigfeadh sé amach liomsa ar a bhás é."

Leigean amach = an rud adeireas duine, nó cuirfeas sé igcéill.
"Má tá sé chomh maith le na leigean amach, níl aon-fhear ar a
mbaile, nach mbuailfeadh sé" = má tá sé chomh maith agus adeirfeas sé,
bhuailfeadh sé 'chuile dhuine ar a' mbaile.
"Má tá sé chomh saidhbhir a's tá leigean amach, is mór a' t-iongnadh
nach gcuirfeadh sé chaoi eicínt ar a' mbráicín de theach atá aige
fharrus a' bháisteach anuas a bheith air, le chuile dheoir dhá
séidfe as aer."
"Sílim nach bhfuil sé ingaobhar dhá bheith chomh láidir a's tá
leigean amach."
"Ba truagh do'n tír, dhá mbeadh sé in' fhear chomh maith lena
leigean amach"

"Ara níl sé baol ar a bheith chomh dona a's tá
'leigean amach."
"Go dtuga Dia ciall duit, dá mbeadh sí chomh dona a's tá a
leigean amach, is fadó an lá a bhí sí thíos sa talamh."
"Ní shin é a leigean-amach fhéin muis" = ní hé sin adeir sé
fhéin.
"Dhá mbeadh sé in a fhear chomh maith le na leigean amach, dheamhan a'
mbeadh de chailleadh air." = dhá mbeadh sé chomh maith in a fhear a's
adeir sé fhéin, ní bheadh daor-bhasctha dhe.
"Ní moide go bhfuil sé chomh maith le na leigean-amach — ní móide sin."
"Dhá mhéad a chuid leigean amach, b'fhéidir gur beag a' mhaith é, dhá
dteigheadh an crudh ar a' tairnge."
"Má tá sé bocht, ní shin é 'leigean-amach fhéin, inDomhnach."
"Sin é a leigean amach fhéin, ach ní thiubharfainn lá áirde air."
"Níl goir a' bith aige 'bheith chomh saidhbhir a's tá a leigean amach."

"Ní fiú é leath oiread cainnte a bhaint amach faoi" = a dhéanamh faoi.
"'Focal a bhainea(nn)s focal eile amach'" = (sean-fhocal) — focal amháin
a tharraingeas an-lear cainnte agus troid go minic.
"Bhain focal focal eile amach, agus is gearr go raibh an bheirt
in adhar a chochaill."
"Bhain focal focal eile amach, agus as sin, roinneadar an onóir
le chéile" = thosuigheadar a' sciolladóireacht ar a chéile.
"Bhain focal focal eile amach, agus ba ghearr go raibh sé in a
réabadh achrainn." (Ba ghearr go raibh an teach in a theine bhruithte, in
a rachlas etc).
"Sin rud a bhainfeadh cainnt amach" (nuair a fiafruightear díot
céard é rud eicínt, agus nach bhfuil aon-fhonn ort
a innseacht céard é. Freagra é thugtar go minic ar pháistí).
"Bainfe an scéal seo cainnt amach fós" = beidh cainnt dhá
scoilteadh dhá bharr.
"Bainfe an garraidhe céadna cainnt amach feicfe tú féin
air."

"Bhain an bóithrín sin cainnt a's dlighe amach."

"Is mór a' t-ár ar bhain a' liathróid amach de chainnt."

"Ní bheadh fhios agad ó Dhia anuas, cé'n chaoi ar bhain rud chomh fánach sin a leath-oiread cainnte amach." = go raibh rud fánach in a ughdar leis an oiread sin cainnte.

"Sin é an peann a bhain an chainnt a's a' troid amach, agus leaba do mháithreachaí splannc eicínt chéille 'bheith aca(b), agus gan a bheith a' moladh le na gcloínn."

"Bainfe an imirt chéadna cabaireacht amach as a dheire."

"Bhain sé sin (= an rud sin) cuid is mó cainnte amach ná b'fhiú é."

"Deirimse cainnt leat, ach sin é 'bhain an chainnt amach!"

"Nach fánach a' rud a bhainea(nn)s cainnt amach, amanntaí!"

"Bhain an phighinn sin an oiread cailicéaracht' amach, agus gur fhobair dhóib a dhul in árachaí a chéile."

"Tá'n oiread cainnte bainte amach faoi'n gclaidhe sin a leagan, a's go sílfeá gurab é gleann Aidhneach a bhí le milleadh air.

"'Cainnt a bhainea(nn)s cainnt amach' adeir siad."

"Is fhearr dhuit é 'thabhairt ar ais dó, as láimh, agus gan a bheith 'baint achrainn amach leis."

"Má bhíonn fhios aca(b) gur b'aghadsa atá sé, bainfe sé achrann amach"

"Is furasta troid a bhaint amach amanntaí."

"Bhainfead sé cainnt amach, dá ba(r) ag aon-duine eile a bheadh sé, ach ag P., ach ní leigfeadh a' faitchíos dó drannadh leis sin."

"Shílfeá go mbadh éadáil mhór é, le'r bhain sé de chainnt amach le seachtmhain anuas."

"Ní bhainfeadh sé 'leath oiread cainnte amach, dhá mbadh rud ar foghnamh é."

"Bhain sé an talamh amach" = chuaidh sé (ch)un dlighe, agus tugadh an talamh dó-san sa gcúirt.

"Tá sé ag iarraidh an tamhna(ighe) uiliog a bhaint amach, agus bainfe sé amach í freisin, mara dteightear roimhe, agus gan cead a chomhairle fhéin a thabhairt dó."

"Bhain sé an áit sin amach fadó, le éagcóir a's
caimiléaracht, a's d'fhan sé aige ó shoin."
"Daoine dona a bhí 'pléidhe leis, nó ní bhainfeadh sé amach é."
"Bhain sé an teach a's a talamh amach, le teann imeartais
a's dlighe."
"Tá sé le dhul 'un dlighe le Micil, faoi'n tsráid agus bainfe sé
amach freisin í."
"Tá'n taobh ó dheas de bhóthar fré chéile bainte amach aige
anois."
"Tá siad ag iarraidh an tsléibhe úd, atá ag an gcros-bhóthar
a bhaint amach, ach gheobha siad rud le déanamh."
"Ní féidir an áit sin a bhaint amach — tá greim ro-
láidir aige air."
"Tá'n talamh atá thíos ag ceann Bóthar na Trágha le baint
amach as éadan anois, agus le roínnt, ar na tunóntaí."
"A chomhachta cínn, ní bhainfeadh amach an teach anois, marar
labhair a athair 'san udhachta air."
"Ba cheart a bhfuil de thalamh ag na feilméaraí móra sin
a bhaint amach as éadan, agus é roínnt ar dhaoine bochta."
"Tá sé thar-am an iascach chéadna a bhaint amach."
"Meastú 'mbainfe mé amach é?"
"Tá sé 'g(dh)ul (ch)un dlighe aríst leo(b): is beag leis ar bhain sé amach
cheana."
"Bhainfeadh sé luach na bó, amach, dhá dtugadh sé 'na cúirte iad."
"Bainfe mé a luach amach, má theighim sa gceánn sin leis."
"Bhainfeá amach gan stróbh a' bith luach ar milleadh ort:
ghearr(f)aidhe amach ar an tír é."
"Ní bhainfe sé leithphighinn ruadh amach, ó thárla nach bhfuil aon-
fhiadhnuise aige."
"Is beag adeirigh leis a bhaint amach, agus a' gortú 'fuair sé."
"Bainfe mise 'luach amach de dhuine eicínt feicfe tú fhéin air."
"Tá sé ag iarraidh luach a' capaill a bhaint amach anois."
"Má theighimse faoi'n dlighe, bainfe mé a luach amach.

"Bhain sé 'dhá luach amach" = bhain sé a dhá oiread airgid amach ar an rud a's ab fhiú é (siopadóir, nó duine 'mbíonn rud dhá dhíol aige).

"Bhain sé amach an iomarca ar a' bhféar."

"Tá na siopaí annseo a' baint amach a dhá ndíol ar phlúr."

"Nach hé an rubálaidhe é, má tá sé 'baint amach an méid sin, as ucht culaithín éadaigh a dheanamh."

"Scriosfadh siopaí na h-áite seo thú, le na mbaineann siad amach ar chuile shórt."

"Cé mhéad atá sé 'bhaint amach ar thobac?"

"Meastú cé mhéad a bhainfeadh an siúinéirín amach ar bhord a dhéanamh do dhuine."

"Cé mhéad atá an bus a bhaint amach go Gaillimh anois?"

"Tá sé sin indon a luach go maith a bhaint amach."

"Níor bhain sé amach, ar muid a thabhairt ó cheann Bóthar na Trágha go Gaillimh, ach trí pighne an duine"

"Shílfeá gurbh beag leis ar bhain sé amach, agus gur mhó dhá fhonn a bhí air, tuille 'iarraidh orainn"

"Bainfe sé amach a cheart go maith, deirimse leat." = bainfe sé amach a sháith páighe, nó luach an ruda go maith.

"Mara ndearna sé ach a' méid sin, duit bhain sé a cheart amach."

"Bhain sé a cheart amach go maith, má bhain sé coróin amach."

"Cé mhéad atá an saor a bhaint amach sa ló."

"Deir siad nach mórán atá sé 'bhaint amach chor a' bith le ceann a chuir ar theach."

"Bainfe sé siúd a cheart (a sháith, a dhíol, a dhóthain etc) go maith amach, má thugann tú dhó, a n-iarrfa sé."

"Níl sé 'baint an oiread amach ar a' 'spray' agus 'tá na siopaí eile."

"Is mór a' scrios é, le na bhfuil sé 'bhaint amach."

"An t-airgead céadna atá siad a bhaint amach fré chéile."

"Is mór liom a bhfuil sé bhaint amach."

"Tá fir fánaighe a' baint trí scilleacha sa ló amach a' t-earrach seo.

"Chuala mé go raibh an dole le baint amach go goirid" = nach dtiubharfaí de dhaoine níos mó é.

"Tá sé igceist go bhfuil an sean-phinsean le baint amach, má cuirtear an dream sin isteach arís."

"'Bhfuil baoghal a' bith, go mbain(f)idhe dhá phunt na scoláirí amach, arís."

"Tá siad a' cuir a gcosa uathab ag iarraidh pinsean na mbaintreabhach a bhaint amach."

"Má bhaintear amach an riar beag (i.e airgid) sin arís, beidh na daoine ar an-chaoi."

"Cheapfainn féin gur mór an éagcóir nach mbaintear amach a' pinsean sin, ar fad, agus gan a' tír a bheith dhá íoc."

"Tá sé siúd in don a cheart a bhaint amach" = tá sé indon cur ar a shon fhéin, agus ceart a sheasamh dó fhéin, i riocht's, nach féidir le aonduine oirille, leath-chuma ná éagcóir a dheanamh air.

"Ní truaighe 'bith é sin, mar tá sé indon a cheart a bhaint amach."

"Mara bhfuil tú indon ceart a bhaint amach duit féin, nuair imtheochas tú ó bhaile, beidh tú ar deire."

"An té nach bhfuil indon ceart a bhaint amach dó fhéin annsiúd, is fear ar deire 'bheidheas ann."

"Tá'n créatúr cuthal, agus níl sé indon a cheart a bhaint amach mar bheadh duine eile."

"Tá sé fánach aghad ceart a bhaint amach annsiúd, mara bhfuil tú in t'amhus mar iad fhéin."

"Bain do cheart amach anois, thú fhéin, nó bí ar deire."

"Mara bhfuil tú indon do chuid (do chion etc.) a bhaint amach annseo, beidh tú dhá uireasbha."

"Tuige nach bhfuil tú indon do cheart a bhaint amach, mar bheadh fear!"

"Is doiligh do dhuine a cheart a bhaint amach 'san áit a bhfuil lán-tighe in' aghaidh."

"Mara mbuaile tú fhéin faoi do cheart a bhaint amach, ní dhéanfa aon-duine eile dhuit é."

"Níor mhór dhuit a bheith in t'easóig le do cheart a bhaint amach ar a' mbaile sin."

"Déanfhar leath-chuma ort, mar a bhfuil éadan agad fhéin le do cheart a bhaint amach."

"Bainfe sé siúd a cheart amach nó's cruadh an cás é."

"Níor mhór dhuit, a bheith chomh h-olc leis a' míádh, le do cheart a bhaint amach ina measc siúd."

"Mara bhfagha mise mo cheart, bainfe mé amach é."

"Má dhéantar aon-leathchuma ormsa, bainfe mé mo cheart amach de'n bhuidheachas."

"Tá sé siúd indon a cheart a bhaint amach as dubhshlán."

"Má theigheann aon-duine i mbarr mo chirt ormsa, bainfe mé amach as dubhshlán é" = má shíleann aon-duine mo cheart a bhaint díom, bainfe mé mo cheart amach de'n bhuidheachas.

"Bhain sé amach de'n bhuidheachas é (nó as dubhshlán) = thóig sé an rud, le fóiréigin.

"Bainfe sé siúd amach a cheart de'n bhuidheachas, mara bhfagha sé as réidhteach é."

"Mara dtuga tú dhom, mo chuid airgid, as réidhteach, bainfe mé amach de'n bhuidheachas é."

"Gheobha tú ceart má tá tú indon é 'bhaint amach."

"An té atá indon a cheart a bhaint amach, 'sé gheobhfas annseo é."

"Ní raibh Éirinn indon aon-cheart a bhaint amach (de Shasana) ariamh, go dtí le goirid anuas."

"Níl aonduine ann le ceart a bhaint amach de'n áit seo anois."

"Nuair a bhí fear aca(b) a bhainfeadh ceart amach, is beag a' mheas a bhí aca(b) air — is beag sin."

"Tá sé fánach ag Éirinn a bheith ag iarraidh ceart a bhaint amach — níl sí sáthach láidir."

"Ba deacair ceart a bhaint amach de Shasana, go dtí an saoghal seo fhéin."

"Níl aon duine eile indon ceart a bhaint amach d'Éire, ach é."
"Nuair a bhí fear acab a bhainfeadh ceart amach dóib — Parnell —
níor ghéilleadar dó. Ní dream a' bith iad muinntear na h-Éireann."
"Is fada an lá ag iarraidh ceart a bhaint amach sib, agus ní fheicim go
bhfuil mórán cosamhlacht' oraí(bh) fós."
"Níl ann ach díthcéille a bheith 'cainnt ar cheart a bhaint amach, nuair
nach seasfa na daoine in aon-bhun amháin."
"A' tarraingt uisce 'na muilinn fhéin, atá siad sin a's ní ag
iarraidh ceart a bhaint amach do na daoine."

"Tá sé in diaidh sása(imh) 'bhaint amach" = tá fonn díoghaltais air.
"Beidh sé indiaidh a shása(imh) a bhaint amach i gcomhnuidhe, go bhfagha sé deis
ort sa deire."
"Is fada an lá é indiaidh an tsása(imh) sin a bhaint amach."
"Bainfe mé mo shása(mh) amach, dhá dteigheadh sé céad bliadhain."
"Ó'n lá sin go dtí an lá atá indiu ann, tá sé ag iarraidh sása(mh)
a bhaint amach sa méid sin."
"Bhain mé mo shásamh go breagh amach."
"Is dona an fear é, mara bhfiacha (= bhféacha) sé lena shása(mh) a
bhaint amach."
"Is deacair milleán a thabhairt dó má bhaineann sé sásamh amach
faoi."
"Bainfe sé sása(mh) amach, má thugann sé 'un dlighe iad."
"Bainfe mise sása(mh) an méid sin amach, feicfe tú fhéin air."
"Ní leigfe mé leis é, gan sása(mh) a bhaint amach, dhá dteighead sé
scór bliadhan."
"Níl aon-ghoir aige sásamh a bhaint amach, mar ní móide go mbéarfadh
sé air siúd le na mharthainn arís."
"Tá sé i ladhar a' chasúir anois, agus baineadh sé a shásamh amach,
go mbí sé tuirseach."
"Má's leat do shása(mh) 'bhaint amach, eirigh roimhe oidhche eicínt a
mbeidh sé 'teacht ó chuairt."

"Is gearr a bhain sé amach i Sasana" = is gearr a d'fhan sé ann."

"Nach gearr a bhain tú amach ar a' bportach indiu."

"Ní mórán achair a bhainea(nn)s sé amach in áit a' bith."

"Is gearr a bhain a' cailín deire amach aice chor a' bith."

"Ní i bhfad a bhainfeas mé amach aige, mara dtaithnighe an áit liom."

"Bhain sé amach achar thairis sin ann" = d'fhan sé níos fuide ná sin ann.

"Róithrín é, nach mbaineann i bhfad amach in aon-áit, ach lá annseo, agus lá annsiúd."

"Tá an cailín seo a' baint amach níos fuide ann, ná aonduine dhá raibh ann ariamh."

"Badh cheart di achar níos fuide ná sin a bhaint amach ann."

"Is diabhalta fada an t-achar atá sé 'bhaint amach leis an obair sin." = atá sé a chaitheamh dhá déanamh.

"Ní bhainfe mé thar lá eile amach leis" = ní bheidh mé ach lá eile dhá dheanamh.

"Bainfe siad seachtmhain amach anois, ó chuadar ar cuairt chor a' bith ann."

"Corr-uair 'fheicea(nn)s muid thú, agus tá sé chomh maith duit seachtmhain a bhaint amach."

"Nach fada a bhain tú amach ar do chuairt."

"Bhain sé an lá amach ar a chuairt."

"Má theigheann sé Gaillimh, bainfe sé an lá amach ann."

"Má tá sé taithighthe ar an áit anois, b'fhéidir go mbainfeadh sé scathamh amach ann."

"Ní aireocha tú lá nó cupla lá a bhaint amach annseo anois, ó thárla nach bhfuil aon-chruadhóg oraí(bh) sa mbaile."

"Níor bhain mé amach ariamh 'san áit chéadna, thar lá nó dhó."

"Bainfe sé scath(amh) amach ar an Achréidh anois, b'éidir."

"Bainfeamuid tamall eile amach leis a' mbóthar, sul dhá mbí sé críochnuighthe."

"Cá'ide eile 'bhainfeas sib amach leis a' bhfeamuinn, meastú" = ag obair léithe.

"Is gearr eile a bhainfeas muid amach leis a' mbóthar,
anois."
"Is fada an t-achar atá bainte amach agai(bh) leis a' móin i
mbliadhna."
"Má bhaineann tú mórán achair eile amach leis a' ngarraidhe sin, tá
sé chomh maith dhuit an bhliadhain a chaith(eamh) ann."
"Tá stráisiún maith bainte amach agaibh le na cártaí anocht."
"Baineann sí curraintín amach ar a cuairt in íochtar a'
bhaile chuile lá."
"Bhainfinn píosa de'n lá amach ag éisteacht le P. Ó. B marach
a' ceann a bhí in éindigh liom."
"Is beag a' dochar duit náire bheith ort agus an fhad's atá bainte
amach leis an uailín móna sin agad."
"Ní aireocha tú uair a bhaint amach ag a' damhsa" = ní bheidh tú
ina dhiaidh ort fhéin, (ní chuirfe sé as do bhuille thú) uair a
chaitheamh ag a' damhsa.
"Nach bhféadfa cupla uair a bhaint amach ab uil sinn!"
"Bhain muid tamall amach ag imirt, idtús oidhche."
"Is gearr is mian leis a bhaint amach ar cuairt, go dteighe sé abhaile
aríst."
"Tá sé chomh h-uathbhásach sin, ag an obair, a's nach mbainfead sé
an nóiméad fhéin amach in a chomhnuidhe."
"Níor bhain sé lá ná leiceann amach ann, go raibh sé abhaile
againn aríst in a bhromachán bliadhna."
"Dhá mbeadh cead mo chomhairle fhéin agham, ní bhainfinn uair
a' chluig amach 'san áit chéadna."
"Is mór a' feall nar bhain sé bliadhain eile amach ag a'
scoil arae, ba togha scoláire é."
"Is gearr a' t-achar a bhainfeas sé siúd amach in aon-
choláiste. Ní hí an fhoghluim chor a' bith atá 'cur síos leis,
ach ealadhain eile."
"Is iomdha bliadhain a bhain sé amach ag dul (ch)uig coláiste,
a's dheamhan a dhath ad'eirigh leis dhá bharr."

"Tá sí an-bhainte amach" = an-ghiodamach, go leor talmhan fúithe í leitheadach postamhail, baramhlachaí aice ro-shean-órdha dhá h-aois, nó baramhlachaí níos déine ná bheadh ag furmhór na ndaoine.

"Gasúr bunáiteach, bainte-amach é."

"'Sé atá bainte amach againn."

"Tá sí chomh bainte amach, le bean mhór."

"InDomhnach tá sé siúd chomh bainte-amach leat fhéin."

"Is deacair 'thú ná mé' a rádh leis, tá sé chomh bainte amach sin."

"Má maireann dó, is gearr go mbí sé chomh bainte amach len' athair."

"Tá sé chomh giodamach agus chomh bainte amach le sean-fhear agad."

"Nach bainte-amach a(gh)ainn atá sé — ag iarraidh a dhul ag damh(n)saí in 'aois."

"Níl aon-chailín óg sa bpobul is bainte-amach ná í."

"A' baint lá amach" = a' caitheamh an tsaoghail; a' tabhairt lá liom.

Seán: cé'n chaoi bhfuil tú?

Pádraic: a' baint lá amach.

"Tá mé 'baint lá amach." "Níl a' saoghal ro-dhona an fhad's fhéadfas duine lá 'bhaint amach."

Briste amach (tuithte amach) = in árachaí a chéile; an brochán a bheith dóirtighthe, in adhar a chochaill.

"Tá siad briste amach le chéile le scath(amh)." = "tá siad tuithte amach le chéile.

"Cá'ide briste amach iad?"

"Bhris siad amach le chéile tá cupla bliadhain ó shoin, faoi sean-chasán, atá ar chuid Sheáin."

"Ní túisce mór le chéile iad sin, ná tuithte amach aríst."

"Ní féidir go bhfuil siad briste amach le chéile aríst: shíl mise go raibh siad in a dhá gcuid déag le chéile, inDomhnach."

"Níl aon-mhaith a' cainnt, má tá siad tuithte amach
le chéile aríst."
"Cé'n t-ughdar briseadh amach atá aca(b) anois."
"Is fada an lá tuithte amach le chéile iad."
"Má tá siad briste amach fhéin, níl ag aon-duine eile a dhul
eatarra(b)."

"Chuir mé amach é" = chaith mé an t-airgead. D'íoc mé as earraidhthe é,
nó as rud eicínt a bhí teacht treasna orm.
"Na cupla punt a bhí agam, b'éigean dom iad a chuir amach leis a'
gcíos." = a chaith.
"Is gearr le dhul cupla punt, nuair a chaithfeas duine a bheith 'cur amach
'chuile lá."
"Ar ndú (= ndóigh), níor chuir tú amach an méid sin airgid ar a'
leasú?"
"Cé mhéad a chuir tú amach sa siopa indiu."
"Is mó 'theighea(nn)s amach ar rudaí fánacha, ná ar a leithide
sin."
"Chuir mé amach a raibh agam, ar chupla culaith éadaigh
de na gearr-bhodaigh."
"Ní aireo(chth)á cupla punt ag(d)ul amach — cá'ide le dhul é
agus chomh daor a's tá 'chuile shórt?"
"Ná cuir amach aon phighinn de'n deich fichead sin anois, mar
teastócha sé l'aghaidh an chíos'."
"Ar a bhfaca tú ariamh, seachain a' gcuirfeá amach,
aon-phighinn de'n 'seicín' (= io) sin."
"Caithfe mé an punt seo a chuir amach, th'éis go bhfuil mé taobh
leis."
"Bhí mé 'coinneál an méid sin l'aghaidh na coise tinne, ach
chreidim go gcaithfear é 'chuir amach anois, mar sin féin."
"Hébrí cé'n dola 'bheidheas orainn, ní fhéad(f)ar aon-phighinn
de'n airgead sin a chuir amach."
"Níl cianóg anois ann — cuireadh amach ar fad é, le cuid nuaidheacht

na saoire."

"Chuir mé 'chuile leithphighinn dhá bhfuair mé as Ameriocá, amach a' ceannacht cuid na Nodlac."

"Cuireadh an phighinn bheag agus an phighinn mhór dhe amach indiu, leis na bainbh."

"Tá faitchíos orm go gcaithfe sib troisceadh feasta, mar tá mo chuid airgid amuigh uiliog agham."

"Ní féidir go bhfuil a' punt amuigh uiliog aghad!" = caithte, nó íoctha ar earraidhthe.

"Ní raibh leithphighinn ruadh a' gabhail liom, nar chuir mé amach inGaillimh indiu, agus tuille a's bíodh sé agam."

"Chuir mé amach lán laidhre, aimsir a' tsagairt." = an uair a bhí an sagart a' teacht chuig an éisteacht.

"Níl líon léith (lí léithe?) agam, nach bhfuil amuigh anois."

"Níor choinnigh mé oiread's an chianóg fhéin, nar chuir mé amach."

"Is furasta airgead a chuir amach i siopa, deirimse leat."

"Is furasta punt a chuir amach 'san áit a mbeidh lán tighe, go leige Dia slán na daoine."

"Má tá 'bhfuair tú amuigh anois agad, ní bhfuighe tú níos mó, mar níl sé ann."

"Dheamhan sciúrtóg dhá raibh ar m'fhaghaltas nar chuir mé amach, a' ceannacht troscáin do'n seomra sin."

"Is beag a' dochar dhuit náire bheith ort, má tá an méid sin airgid amuigh agad ó mhaidin indiu, agus gan tada agad dhá bharr."

"Is furasta airgead a chuir amach annsiúd — ar chuala tú ariamh é : 'ní h-ionann a dhul 'na bhaile mhóir a's é fhágáil'"

"Chuir sí amach a raibh aice, le rudaí nar theastuigh uaithe beag ná mór."

"Is furasta airgead a chuir amach, ach is deacair é 'shaothrú."

"Cidh Dia gur cruadh a shaothru(igh) mise an t-airgead sin, agus thusa dhá chuir amach anois ar ealadhain."

"Tiocfa an punt sin amach ambáireach, ar rudaí beaga a theastuighea(nn)s ó'n teach."

"Tá an-dula amach air" = dula; go leor rudaí a' teacht treasna air; go leor éiliughadh le freastal aige; go leor len íoc aige.

"Cé'n tslighe atá aige, le h-ais an dula amach atá air."

"Má tá slighe féin againn, tá'n dula amach mór, dhá réir."

"Níl seifte 'bith anois ag na daoine (= againn), agus an dula amach céadna i gcomhnuidhe orainn."

"Ní fhéadfamuid freastal do'n dula amach seo igcomhnuidhe" = ní fhéadfa -muid an oiread seo airgid a chaitheamh ar earraidhthe etc igcomhnuidhe.

"Níl pighinn a' bith ar a' rud a bheidheas duine a dhíol, agus an dula amach céadna igcomhnuidhe air."

"Tá sé furasta go leor, a bheith 'cainnt, ach cé'n chaoi a leagfa duine airgead i leath-taobh agus an dula amach atá air."

"Má tá an pháighe mór fhéin inGaillimh, tá'n dula amach dá réir."

"Is fusa d'fhear na tuaithe maireachtáil, mar níl a' dula amach chomh mór air, a's tá ar fhear a' bhaile mhóir."

"Dhá mbeadh fhios agad mo dhula amach-sa le seachtmhain, ní fhiafhr(ochth)á cé'n fáth nach bhfuil airgead agam."

"Is deacair dhó riar a cháis a bheith aige chor a' bith, a's an dula amach atá air."

"Tá dula amach áidhbhéil ar fhear muirghín ar a' saoghal seo."

"Níl a theacht isteach baoghal air chomh mór le na dhula amach."

"Tá teacht isteach maith aige, ach cá'r fhága tú an dula—amach atá air?"

"Le strapadóireacht mhór, atá muid a' coinneál tighe a' bith anois, agus a bhfuil de dhula amach orainn."

"Tá teach áirgeamhail aige, ach m'anam go bhfuil dula amach mór air."

"'Suarach a' t-iongnadh go mbeadh an-dula amach air, agus lán a' tighe de mhuirghín air."

"M'anam, go leige Dia slán na daoine, má tá siad a' saothrú fhéin, go bhfuil a' dula amach orra(b) freisin."

"Marach chomh tíoghbhusach a's bhí mé, ní choinneochainn teach a' bith leis a' dula amach a bhí orm, ag iarraidh éadach a's beatha a choinneál ar lán tighe."

Amuigh aige = le'n íoc leis.

Amuigh air = le'n íoc aige.

"Tá go leor airgid amuigh ag na siopaí ar fud na tíre" = tá go leor fiacha le'n íoc ag muinntir na tíre le lucht na siopaí.

"Dhá bhfaghadh sé isteach a bhfuil d'airgead amuigh aige, bheadh sé in a ridire" = dhá n-íoctaoi leis, a bhfuil len íoc ag daoine leis, bheadh sé an-tsaidhbhir. (féach ridire).

"Caitheadh sé sneachta ar lorg a bhfuil amuigh aige annsin siar" = ní fheicfe sé aon-phighinn go bráthach, dhá bhfuil le n-íoc leis, ag muínntir na h-áite sin siar.

"Má tá airgead amuigh aige ar sin, baineadh sé a shúil de."

"D'fhéadfadh sé fuireann nuadh a chuir isteach, le na bhfuil amuigh aige, ach droch-sheans go bhfeicfe sé mórán go bráthach dhe" (féach "fuireann").

"Tá cuid mhaith amuigh aige, nach bhfeicfe sé go sleibhe."

"Má tá rud amuigh aige, ar a' saoghal seo, déanfa sé dhá uireasbha" = ní íocfaidhear leis é; níl na daoine indon a gcuid fiacha a íoc.

"Tá go leor fiacha amuigh ag lucht siopaí anois, agus níl fhios agham cé'n chaoi a n-íoc(f)ár iad — níl fhios sin."

"Ní ormsa is mó atá rud amuigh aige."

"Mara mbeadh amuigh aige, ach a bhfuil amuigh aige orainne, ní bheadh mórán ughdair clamhsáin aige."

"Tá cuid mhaith amuigh aige, de bharr mine, (= plúir), nach bhfuil na daoine indon 'íoc."

"Cuirfe sé próiseannaí amach go goirid faoi na bhfuil amuigh aige"

[próiseannaí = processes]

"Bainfe sé 'chuile phighinn ariamh dhá bhfuil amuigh aige, amach, má chuireann sé próiseannaí amach."

"Chuala mé go raibh próiseannaí le cur amach ag an 'Land Commission' faoi'n na riaráistí atá amuigh acab."

"Tá'n t-áirleacan caithte anois aige, mara n-íoca sé 'bhfuil amuigh ag an mbeainnc air."

"Tá cuid mhaith riaráistí amuigh ag lucht an airgid acraí" = tá cuid mhaith fuighilleach airgid acraí len íoc le lucht an airgid acraí.

"Is droch-dhíoluidhe é, nar íoc ariamh a raibh amuigh ag
J. air." = ní raibh aon-rath leis ag íocuigheacht nuair nar íoc
sé a raibh ag dul do J. uaidh.
"Tá'n dá phunt sin a' gabhail domsa — is fada amuigh agam iad."
"Tá dhá lá oibre amuigh agam air — agus is dóigh nach bhfeicfe
mé aon-phighinn go bráthach ar a shon."
"Tá luach an fhéir amuigh fós."
"B'fhearr dhó, a bhfuil amuigh ag a' 'mbeainnc' air a íoc amach ar aon-
láimh amháin, a's gan a bheith 'sceidínteacht leis."
"Tá'n méid sin airgid amuigh agam le gul (= dul) 'un chúig
bhliadhna, agus níl mé 'faghail saoradh ná séanadh faoi."
"Is fada fíannach an punt sin amuigh. Tá mé réidh leis déarfainn."
"Is fada an méid sin amuigh aige" — nuair a buailfidhe duine,
déarfaidhe seo le na chur igcéill go mbadh mhaith an aghaidh a
bhuailte é, nó go raibh an bualadh tuillte aige.
"Tuille ghéar do'n diabhal aige. Is fada an méid sin amuigh aige"
= is fada a theastuigh an méid sin buailte nó guaime uaidh.
"Is maith rinne tú é, greadadh maith a thabhairt dó, ó fuair tú
faoi do neart é, mar is fada an méid sin amuigh aige fhéin."
"Níl truaighe 'bith agamsa do Ph. mar is fada an bualadh sin
amuigh aige — is fada sin."
"Tá cuid mhaith amuigh orm anois, agus gan aon-tseifte ó neamh agam
le'n íoc" = tá cuid mhaith fiacha orm, agus gan aon-tslighe agam
le na n-íoc.
"Níl amuigh orm anois ach cupla punt, agus b'fhéidir go mbeinn
indon é íoc as seo go ceann ráithe, in aice chongnamh Dé."
"Má's sin é 'bhfuil amuigh ort, ní cás duit é. Feacha mise, 'bhfuil
deich bpunt amuigh orm, agus gan slighe dhár dhealbh an ghrian
agam len' íoc."
"Tá'n oiread amuigh orm tigh J. F. agus níl aon-ghoir agam athrú
as, go n-íoca mé roinnt dhe."
"Ní thiubhrainnse luach leithphighinne as, marach a bhfuil amuigh
orm ann."
"Caithfe tú 'bheith spleádhach léithe, lá's go bhfuil airgead amuigh ort
ann."

"Caithfe mé rud a' bith is breagh leis a chaith(eamh) agham
a ghlacadh, faoi go bhfuil fiacha amuigh orm ann."
"Dheamhan ab é an oiread sin tráchta a gheobhfadh sé uaimse marach
a bhfuil amuigh orm in a shiopa."
"Deir tú leis adubhairt liom, go dtiubhradh sé go dtí lá Samhna
dhom le na bhfuil amuigh orm aige a íoc."
"Sin é an lá cáirde atá agam anois, le na fiacha atá amuigh
orm a íoc."
"Mara mbí na riaráistí atá amuigh orainn glanta againn
roimhe lá Bealtaine, dheamhan ar dóichidí cleas dhóib ná
próiseannaí a tharraingt orainn."
"Tá congnamh maith glanadh agam ar a' leabhar anois, ach
tá riar eicínt amuigh orm fós." = (leabhar fiacha an
tsiopadóra).
"Tá sí sin báithte i bhfiacha: tá rud amuigh ag 'chuile shiopadóir sa
tír uirre."
"Tá luach a' chulaith sin amuigh fós orm, agus is gearr go lean(f)ar
mé mar gheall uirre" = go gcuirfear tréas orm.
"Níor cuir J. aon tréas fós orm, faoi na bhfuil amuigh orm
ann."
"Is mór m'fhaitchíos gur gearr go leantar muid anois, faoi luach
an leasú atá amuigh orainn."
"Tá sé chomh maith againn eirghe as a' tógáil, go n-íocamuid a bhfuil
amuigh orainn i dtosach."
"Caithfe sé go bhfuil pighinn mhaith amuigh air, anois, mar tá sé 'tógáil
as éadan ó'n Nodlaic seo (gha)bh thart."
"Ní fheicfe sé íoctha 'bhfuil amuigh air choidhchin, hébrí (= pérbith) cé'n
chaoi ar eirigh leis an oiread sin 'trust' a fhághail."
"Dubhairt sé nach 'dtrustfadh' sé mé faoi níos mó a thabhairt dom, go
n-íocainn cuid dhá raibh amuigh orm 'n tosaigh."
"Nach fada a leigeadh leis, a's a raibh amuigh air."
"Mara dtaga aon-athrú ar a' saoghal, cínnfe orainn leath dhá bhfuil
amuigh orainn a ghlanadh."

"Leigean amach" = tabhairt ar cáirde, nó in aisce.

"Tá sé 'leigean amach airgid ar 'trust'" = a' tabhairt airgid uaidh ar cáirde.

"Tá fear eicínt inGaillimh a' leigean amach 'low money'."

"Tá 'Committee' le leigean amach go goirid" ("Committee" = plúr, nó min bhuidhe a thugadh an Riaghaltas do na daoine bochta in aisce roimhe seo. "Bóithrí Committee" = bóithrí a rinneadh sa droch-shaoghal le obair a thabhairt do na daoine. "Tá mo chuid móna ag imtheacht in a 'committee' ag a' mbaile" = tá chuile dhuine dhá goid.)

"Ba cheart dóib riar airgid a leigean amach ar a' tír, fharrus mar tá siad." = airgead a roinnt nó a thabhairt.

"Ó leigeadh amach an dá phunt seo, ar na páistí, is mór is fiú do dhaoine bochta é."

"Tá sé ina ridire ó leigeadh amach an 'dole' seo. Tá as cionn coróin a's punt sa tseachtmhain a' teacht isteach aige."

"Ó tosuigheadh a' leigean amach na mbuilíní seo ar na scoileannaí, ní thagann siad (i.e na páistí) abhaile mar thagaidís, a's a ngoile in a nglaic aca(b)."

"'Sé pinsean na sean-daoine an rud is fhearr a leigeadh amach ar a' tír ariamh, mar is iomdha sean-duine a gheobhfadh anshógh dhá uireasbha."

"Ní leigfe an 'beainnc' aon-phighinn amach anois, gan gaimbín trom, a bhaint amach air, agus bannaidhe maith."

"Bí siúráilte, nach leigfe siad aon-phighinn amach gan bannaidhe."

"Leigfe mé amach in a fhéar an áit sin, an bhliadhain seo chugainn" = coisneocha mé é, agus tiubhra mé cead féir dó.

"Tá an garraidhe thiar leigthe (scaoilte amach) amach in a fhéar aige imbliadhna."

"Talamh a' bith cuirtear dó nó trí de bhliadhanta imbéal a chéile, bíonn sé in am tamall a thabhairt dó leigthe amach bán"

"Leigfe mé amach bán imbliadhna é, mar tá sé in am aige scíth a fhaghail feasta" = talamh a bhí curtha le cupla bliadhain nó trí anuas.

"Mara leige tú an pháirc sin amach bán, is gearr gur
spíontán a bheidheas innte" = is gearr go mbí sí ídighthe nó caithte
de bharr an tsíor-chuir.
"Tá'n talamh leigthe amach in a chonacraí aige imbliadhna" = suidhte.
"Tá an talamh leigthe amach ina fhéarach aige" = suidhte le h-aghaidh
beithidhigh féaraigh.
"Tá tighthe le leigean amach ar cíos aige."
"Tá sé leigthe amach in a cheathramha gheimhridh aige" (féach "ceathramha")
"Tá sé leis a' talamh fré chéile a leigean amach ar cíos imbliadhna
má fhaghann sé aon-duine len' aghaidh."

"Tá siad a' leigean amach fhéir indiu" = a' craith an fhéir as cocaí,
ar a' talamh lena thriomú.
"Is maith an lá é le féar a leigean amach."
"Níl an lá in araidheacht an féar a leigean amach."
"Ná leig amach ach na bun-chocaí. Tá tiormach maith ar a'
gcuid eile cheana."
"Ní 'trustfainn' é leigean amach faitchíos báistighe."
"Má bhíonn sgulán (scalán) gréine ambáireach ann, leigfe mé
amach a' féar sin thiar."
"Dhá bhfaghadh sé cupla lá eile leigthe amach, bheadh a díol trioma(igh)
air."
"Is mór a' t-iongnadh nar leig tú amach an munachar féir sin thiar
indiu, agus chomh breagh a's bhí an lá."
"Tá'n chruach choirce leigthe amach 'san iothlainn aige,
in áit ar théigh sí air."
"Is beag eile leigean amach is call dó anois, mar tá sé
ionann's triomuighthe mar 'tá sé."
[Scaoil amach an féar = leig amach é]
"Leig amach mé" = "scaoil amach mé" = "scaoil do ghreim díom.
"Ná leig amach do ghreim a fhleasca(igh)" = "coinnigh do ghreim."
"Deir siad nach leigfe an broc amach a ghreim go n-airighe
sé an cnáimh a' pléascadh."
"Ní leigfead sé amach (ní scaoilfeadh sé amach = ní scarfadh sé
le) a ghreím ar bhás an domhain."

"Níor leig sé amach a ghreim ariamh, ariamh, go raibh mé ionann's tachtuighthe aige."

"Fhobair nach leigfeadh sé amach mo láimh chor a' bith, bhí an oiread sin fáilte aige rómham."

"Is ar éigin a leig sé amach mé chor a' bith" = ó'n teach.

"Scaoileadh (leigeadh) amach as a' bpríosún é"

"Tá'n t-asal leigthe amach ar na bóithrí aige" = cead scuir aige ar na bóithrí.

"Leig sé amach an capall sa ngarruidhe" = sheol sé amach an capall sa ngarraidhe.

"Leig sé an capall amach ó'n gcarr."

"Leig amach na beithidhigh ar an sliabh mar dhéanfadh gasúr" = seol amach iad.

"Tá sé in am na bainbh a leigean amach 'san iothlainn."

"Leig amach mo mhullach" = troid, bruighin, sciolladóireacht (go h-áirid idir mná).

"Sílim go mbeidh 'leig amach mo mhullach' ann mara dtuga tú aire dhuit féin."

"Bhí sé ina 'leig amach mo mhullach' aca(b) thiar a' mbóthar indé."

"Má ionnsuigheann an cúpla sin a chéile, beidh 'leig amach mo mhullach' ann."

"Bhí sé in a 'leig amach mo mullach' ar a' toirt"

"Siúd é 'n áit a raibh 'leig amach mo mhullach'."

[Leig amach mo chloigeann nó scaoil amach mo chloigeann = leig amach mo mhullach]

"Tabhair a chuid tae dhó agus leig amach é" = ach a bhfagha sé ach a chuid tae, féadfa sé 'dhul amach.

"A' bhfuil cuimhne bith agad an fear eile a leigean amach" = freastal a dhéanamh air (cuirigcás i siopa), i riocht's go bhféadfadh sé dhul amach in a ghna(ithe).

"Is fada a bhí mé sa siopa, shul ar leigeadh amach mé."

"Réidhtigh a bhéilí dhó go beo, agus leig amach in a ghna(ithe) é."

"Ar éigin a leig sé (i.e. an sagart) amach chor a' bith indiu muid, bhí an tseanmóir chomh fada sin.

"Níl aon-bheithidheach amuigh is uilce ná'n easóg" (easóig go h-iondamhail) = níl aon bheithidheach ann, nó beo, is oilbhéasaige ná í.
"Níl aon-bhean amuigh is íogmhaire ná í" = ann, beo.
"Níl aon-deoch amuigh is fhearr ná'n t-uisce, nuair a bheidheas duine ina chall."
"Níl aon-obair amuigh ab fhearr liom ná a' gréasuidheacht dhá mbeadh mo roghain agam." [Roghain = rogha. I bhfocla de'n tsórt seo, tá'n tuiseal tabharthach in áit an tuisil ainmnigh, agus ní cloistear an tuiseal ainmneach anois, ach igcorr-leagan seasta — "togha agus rogha na tíre". Chuidigh an fhilidheacht go mór leis an athrú seo — "is tú mo rogha(in) thar mhná an domhain" agus leaganachaí dá samhail].
"Níl aon-ól amuigh is fhearr ná an poitín, abruigheadh a rogha duine, a rogha rud."
"Thógfainn í thar aon-obair amuigh" = "thógfainn í un tosa(igh) ar aon-obair" = sí'n obair í a b'fhearr liom:
"Ní miste liom céard déarfas aon-duine — sé'n sagart is gnaoidheamhla amuigh é."
"Sí'n toirneach an tsíon is measa amuigh."
"Níl aon-bhád amuigh is fhearr ná'n chorrach, mar tá currachthóirí oilte ina bun."
"Sí'n cailín Domhnaigh an bhean is measa amuigh. Bíonn a cuid éadaigh Domhnaigh uirre Domhnach a's dálach chomh maith le chéile, agus ní bhíonn déantús maitheasa a' bith innte, ach i gcomhnuidhe dhá gléas fhéin agus dhá déanamh fhéin suas" (cur síos ar an gcailín Domhnaigh)
"Sé'n sagart an fear is measa amuigh, le aon-chaidéis a chuir air."
"Thar aon-bhean amuigh, ná cuir aon-chaidéis coidchin ar bhaintreabhach. Bíonn droch-eascainidhe aice. Is olc í eascainidhe baintreabhaighe."

"Sé'n slaghdán an galra is gurálaighe amuigh. Ní féidir é 'chuir amach as do chrioslaigh, ó gheobhfas sé greím uair amháin."

"Sé'n slaghdán samhraidh an slaghdán is measa amuigh."

"Níl aon-leagan amuigh adeir siad, is measa ná leagan ó asal."

"Farradh an Mhárta, an farradh is measa amuigh" = gaothtalach.

"'Siad na doightheachaí an phian is measa amuigh, agus ní dhéantar truaighe a' bith do'n té 'mbíonn siad air."

"'Sé scéal Chéadtaigh an scéal is fhearr amuigh — níl aon-ghoir ag aon-scéal eile dhár chuala mise ariamh air."

"'Siad amhráin Rafteri, na h-amhráin is deise amuigh, dhá mbeadh an saoghal a' cainnt."

"Níl aon-earradh amuigh inchínnte ar a 'tae."

"Fagh thusa beatha eile amuigh, chomh maith le na fataí."

Tháinic amach = leigeadh amach; tugadh; tháinic sé sa saoghal, tionnscluigheadh.

"Tá sé deich mbliadhna fichead anois, ó tháinic (ó tugadh; ó leigeadh) an pinsean amach a' chéad uair."

"Cuimhnighim-se go maith 'nuair a thosuigh an Ghaedhilge a' teacht amach idtosach" = nuair a tosuigheadh a' cur suime innti, nó a' cur dlúthais léithe.

"Is cam a bhreathn(óchth)aidhe ort ag a' scoil dhá labhr(uighth)eá Gaedhilge, shul ar thosuigh sí a' teacht amach an chéad uair."

"Is fadó an lá ó tháinic a' t-amhrán sin amach sna leabhra an chéad uair"

"Ní chuimhnighimse cé'n uair ar tháinic, na 'motorss' amach."

"'Sé mo ghéar-chuimhne é, na 'bicycles' a theacht amach, an chéad uair."

"Is fada an lá an leabhar sin amuigh anois" = ar fághail.

"Tá scéalta ag 'chuile dhuine ó tháinic na leabhra Gaedhilge sin amach."

"Is minic a chuala mé mo shean-athair a' cur-síos ar a' gcéad am a dtáinic a' tae amach. Fataí bhíodh ann uiliog go dtí sin."

"Tá dlighe nuadh eile anois le theacht amach, chuala mé, nach bhféadfa aon-mhaighistreás scoile pósadh; nó má phósann go gcaithfe sí eirghe as an scoil."

"Sin é an dlighe is fhearr a tháinic amach ariamh, go gcaithfe aithreachaí agus máithreacha a gcuid cloinne a choinneál ag a' scoil."

"Tá athrúintí nuadha a' teacht amach 'chuile lá."

"Tá sé le theacht de dhlighe amach anois, nach bhféadfa duine 'bith níos mó ná fiche acra talmhan a bheith aige."

"Ba mhaith an ceart dhá dtagadh sé amach de dhlighe, go gcaithfeadh na buic mhóra sin, scaradh le na gcuid airgid."

"Ní bheadh iongantas orm dhá dtagadh sé amach de dhlighe, go gcaithfeadh 'chuile fhear talmhana pósadh."

"Tá sé de dhlighe amuigh anois, go gcaithfe chuile dhuine aire a thabhairt dhá chuid beithidheach ar phéarsálaí. Mara ndéana, cuir(f)eár dlighe orra(b)"

"'Nuair nach dtagann sé d'Act amach, mar tá ar bhó 's ar caora an té nach dtaithnigheann a bhean sa mbaile leis í 'thiomáint 'un an aona(igh)'" [as "an gCiomach" — sean-amhrán]

[D'eacht a bhí ann ó thús, sílim, ach tá sé athruighthe go dtí Act anois].

"Is iomdha dlighe aisteach atá a' teacht amach le goirid fhéin."

"Le goirid anuas a tháinic an cheird sin amach" = an béas sin; le goirid a thug na daoine faoi deara dhóib fhéin, an faisean sin.

"Tá cineál 'bicycle' le teacht amach anois, a bheidheas ag imtheacht le geas" (= aibhléis).

"Is fada fíannach a' lá an faisean sin amuigh, sa taobh seo."

"Níor tháinic a leithide de dheis amach ariamh" = (deis le uibheachaí a ghor).

"Tá deiseannaí nuadha a' teacht amach 'chuile lá" = rudaí nuadha; cóireanna nuadha; gléasannaí nuadha.

"Tá cóir nuadh amuigh le goirid, a bhainfeas, agus a cheangló(ch)as an t-arbhar in éindigh."

"Tá a chuid cainnte a' teacht amach ar na páipéir nuaidheachta chuile lá" = bíonn a chuid cainnte ionnta(b).

"Is beag dhá chuid cainnte a d'fheicfeá 'teacht amach, chor a' bith le goirid, agus ba mhór i gceist é scathamh."

"Níor tháinic a' chúis amach chor a' bith, fós" = níor tionnscluigheadh í nó níor pléidheadh í chor a' bith fós.

"Tá sé bainte-amach 'un damhsa."

"Tá sé scithleigthe amach 'un bréag" = luighe na bréige, gothadh na bréige air.

"Ní bhíonn aon-chead amach agam go dtí an sé 'chlog 'chuil' oidhche."

"Níl aon-chead amach aca(b) as na coláistí sin, chor a' bith."

"Tá sé 'baint dealg amach."

"Bhainfeá amach dealg, leis na scaltrachaí 'bhí ann."

"Is deacair an slaghdán sin a bhain amach as do crioslaigh (as do chraiceann)" = é a chuir amach.

"Ní bainfe aon-cheo amach an slaghdán sin, ach neart sean-fuisce."

"Bainfe mise a shásamh sin amach as do chraiceann" = buailfe mé thú.

"Bainfear an ámhuilleacht amach as do chreatalaigh" = beidhfear do do bhualadh go n-eirighe tú as an ámhuilleacht.

"Tá siad ag iarraidh bheith 'baint airgid amach as mo chreatalaigh-sa, agus gan aon-airgead agam dóib." = tá siad ag iarraidh airgid 'fhaghail de'n bhuidheachas uaim, agus gan é agam.

"Thar baile amach" = thar baile isteach (féach "isteach") = taobh amuigh de'n bhaile. (Thar paráiste amach, thar tír amach etc).

"Fear thar baile amach atá sí a phósadh."

"Fear thar baile amach a tháinic dhá h-iarraidh."

"Ní cháinfinn iad le fear thar baile amach."

"Má bhíonn mórán thar baile amach ann, ní mór dhaoib sib fhéin a ghlacadh go réidh."

"Thógfadh sé páirt a' duine thar baile amach in aghaidh a dhuine fhéin."

"Níl aon-chall duit a dhul thar baile amach le do dhíol de bhean a fhaghail."

"Ná corruigh do chois thar baile amach, ag iarraidh broma(igh) mar tá ughdar maith capaill ag P. Mh. annsin thíos."

"'mbeidh tú 'gabhail thar baile amach anocht."

"Ní dheacha mé treasna na troighe thar baile amach
ag damhsa ná ceol ariamh."
"Níorbh ait liom a dhul thar baile amach ag bainis ariamh."
"B'fhearr liom igcomhnuidhe a dhul ag ól thar parráiste amach, 'san áit nach
mbeadh aithne ag aon-duine orm."
"Chuaidh sé thar baile amach a' tabhairt cuiridheachaí, agus rinne sé
oirille ar a' dream a bhí imbéal a' doruis aige" (féach 'oirille')
"Ní bheidh cuiridheacha a' bith ann thar baile amach, sílim."
"Ná cuir aighneas choidhchin ar aon-duine thar pobal amach, mar
níl fhios agad, cé'n chaoi 'gcasfaidhe thú fhéin in áit strainséara
uair eicínt."
"Nar chomhnuighe tú go dteighe tú thar pobal amach!"
"Má's ag iarraidh spré atá tú, níl call duit a dhul thar
baile amach. Tá sí imbéal a' doruis agad."
"Níl aon-mhaith aige ann, go dteighe sé thar baile amach
(ch)uig tarbh. Níl meas a' bith aige, ar aon-cheo dhá bhfuil
ar a' mbaile istigh."
"Má's leat ceol agus spóirt a fhághail, caithfe tú a dhul thar paráiste amach."
"Ní theigheadh gearrchaileadha a' bith thar baile amach, ag damhsaí
roimhe seo, ach tá siad leigthe leo(b) fhéin ar fad anois."
"Chonnaic mise an tráth a dteigeadh daoine thar pobal, ní áirmhighim
thar baile amach (ch)uig tórruidheachaí a' déanamh
cleis, ach caitheadh an cheird sin in aer."
"Is olc na gnaithí atá ort, má theigheann tú thar baile
amach i gcleitheamhnas píosa damhsa a leithide
d'oidhche."
"A' raibh tú ibhfad thar baile amach indiu?"
"Tiubhra mé an ruaig seo thar paráiste amach."
"Sílim má imthighim chor a' bith go dtiubhra mé ruaig thar tír
amach ar fad."
"Níor mór dhó a dhul thar tír amach anois, mar tá a chliú caillte
aige, 'san áit seo, go deo."
"Gheobhfadh sé áird thar tír amach, 'san áit nach mbeadh aon-
aithne air."

Amach (am) = in a dhiaidh sin; uaidh sin, th'éis sin.

"Amach anseo" = níos deireannaighe

"B'fhéidir dhom a dhul ar cuairt amach annseo, nuair a bheidheas an ceann trom de'n chruadhóig tharm."

"B'fhéidir, le congnamh Dé, amach annseo, go n-eireochadh linn, rud eicínt a dhéanamh."

"Fan leat go dtí amach annseo, agus feicfe tú féin, go mbeidh aithmhéala ort, nar thug áird ormsa."

"Níl aon-ghna(ithe) an obair sin a thionnscailt anois, ach amach annseo le congnamh Dé, b'fhéidir go mbeadh muid in don tabhairt fúithe."

"Deanfamuid teach, amach annseo, in aice chongnamh Dé, nuair a bheidheas na malraigh sin in ínnre (= in innmhe) agus ionchongantach againn."

"Is fada amach annseo é" = is fada fós é; b'fhéidir gur maith an scath(amh) bliadhanta fós é.

"Beidh neart breithe ar a' scéal sin, amach annseo, nuair a bheidheas muid réidh go dtí é" = beidh neart ionbhadh leis an obair sin a dhéanamh, fós, nuair a bheidheas chuile obair eile réidh againn.

"Is fearr dhuit é a dheanamh anois, ná í 'bheith romhat amach amach, annseo, nuair a bheidheas an chruadhóg ort."

"Is mairg duit nach n-íocann as láimh é, mar beidh neart a' teacht treasna ort amach annseo, agus ní moide go mbeitheá indon freastal dó."

"Amach annseo sa samhradh, caithfe mé seársa a thabhairt go h-Uachtar Árd, mar tá sé caithte in mo chloigeann le fada agham."

"B'fhearr dhuit gan bacadh leis go dtí amach annseo, go mbeire an uair bhreagh orainn."

"B'fhearr a' tráth, amach annseo, l'aghaidh obair de'n tsórt sin ná anois."

"B'fhéidir go mb'fhearr duit a dhul romhat fhéin anois ná amach annseo, nuair a bheadh sé in ainsil ort"

Amach = deireannach, níos fuide; anonn

"Déanfa mé é amach sa samhradh" = anonn sa samhradh.

"Amach sa bhFoghmar a tháinic sé abhaile."

"'San earrach amach a bhí ann, agus cuimhnighim go maith go raibh mé 'cur bréige thuas imbárr a' bhaile."

"Bhí sé amach go maith sa mbliadhain, chomh fada le mo bharamhail."

"Ní bhain(f)ear aon-mhóin go dtí amach sa samhradh imbliadhna"

"Bhí sé níos fuide amach ná seo measaim" = níos deireannaighe sa mbliadhain.

"Bhí sé níos fuide amach sa mbliadhain go fada."

"Tá Domhnach Chrom Dubh an-fhada amach sa samhradh."

"Is fuide amach Lá (Fhé)il' Mártan, ná Lá Samhna."

"B'fhada amach sa samhradh go raibh fataí nuadh istigh an bhliadhain chéadna" = bhí sé deireannach sa samhradh go raibh na fataí nuadha ion-bhainte.

"Níor fhéad mé aon-fhód móna a bhaint go dtí i bhfad amach sa Samhradh an bhliadhain chéadna"

"Bhí sé amach 'san oidhche sul ar tháinic sé abhaile" = bhí sé deireannach.

"Ghlaoidh an coileach amach domhain 'san oidhche."

"Níor tháinic sé go dtí amach faoi eadarshuth." = anonn le am eadarshutha.

"Bhí sé amach go maith sa maidin sul ar eirigh sé."

"Ní thagann fear a' phosta anois, go mbíonn sé amach sa ló."

"Bhí sé amach go maith sa ló, sul a ndearna sé aon-bhuille oibre."

"Ní raibh sé indon eirghe ag póit, go raibh sé amach faoi am dinnéir."

"Ní eirigheann sé lá 'bith go mbí sé amach sa maidin."

"Chodail sé amach" = chodail sé deireannach sa maidin.

"Nach tú chodail amach." "Mara gcodluighe mé amach é, tá mé ceart go leor."

"Tabhair cead dom é 'chodailt (chodladh) amach, imbáireach."

"Ná codail amach imbáireach fharrus ariamh."

"Má teigheann tú a chodladh in am, ní chodlócha tú amach é ar maidin."

"Ní dóichide rud dhá ndéanadh sé siúd ná é 'chodailt
amach."

"Beidh rabharta mór ann amach faoi Fhéil' Pádraic."

Amach faoi Fhéil' San Seáin, a bhío(nn)s an ghaoth ruadh ann."

"Bíonn aonach muc in Gaillimh, amach faoi Shamhain."

"Amach faoi Fhéil' San Bairtliméad a baintear an coirce annseo."

"Bíonn anna trioma(igh) ann amach faoi Fhéil' Michil."

"Díolfa mé iad, amach faoi Bhealtaine."

"Tá'n Chingcís (a)g (d)ul an-fhada amach sa Samhradh imbliadhna."

"Tá'n Inid (a)g (d)ul an-fhada amach imbliadhna, feicthear dhom."

"Ní raibh an Cháisc (a)g (d)ul chomh fada amach le mo chuímne, a's tá sí
i mbliadhna."

"Tá neart ionbhadh aca(b) imbliadhna, mar tá'n Inid (a)g (d)ul amach
go dtí an chéad tseachtmhain de Mhárta."

"Tá'n Cháisc ag dul amach go Bealtaine imbliadhna."

"Beidh mé ag obair aríst amach go Domhnach Chrom Dubh."

"Ní 'bhfuigheamuid aon-phighinn 'dole' aríst amach go lá Samhna."

"Bhí sé in a chomhnuidhe anuiridh amach go Nodlaic."

"Níl aon-chruadhóg air, cois a thógáil ó'n gcois eile amach go
h-Earrach aríst."

"Tá'n mhairt-fheoil le caith(eamh) in aer ó'n Nodlaic amach" = tar éis na
Nodlag.

"Bheadh sé in am ag duine 'bheith 'téisclim faoi chomhair an Earraigh ó lá
(Fhe)il' Brighde amach."

"Is ionann's gur samhradh é ó Aibreán amach."

"Bíonn cosamhlacht a' geimhridh air, ó Fhéil' Muire Mór amach."

"Ní thaobhócha mise é ó'n Domhnach amach."

"Beidh an bóthar ar siubhal ó'n Máirt seo chugainn amach."

"Tá'n pinsean ceaptha dhó ó Dia h-Aoine beag seo amach."

"Beidh scith againn ó ambáireach amach."

"Tá mise réidh leo(b) ó indiu amach."

"Ó anocht amach, dheamhan mo chos ná mo chnáimh-sa a
fheicfeas siad ar a sráid."

"Tá sé in am a bheith 'cur corr-sciollán ó anois amach."

"Beidh an uair bhreagh againn ó'n mí seo amach."

"'Gacha le lá ó mo lá-sa amach' adeir Brighid

'Chuile lá ó mo lá-sa amach, a's mo lá-sa féin' adeir Pádraig."

(Gheall an Naomh Brighid, go mbeadh gacha le lá ó'n a lá féin — Lá Fhéile Brighde — go breagh, agus gheall Pádraig go mbeadh 'chuile lá ó'n a lá fhéin, agus a lá fhéin — Lá Fhéile Pádraig, — go breagh.)

"Beidh cruadhóg an Earraigh orainn ó'n tseachtmhain seo amach."

"Beidh an aimsir gharbh tharainn ó anois amach."

"Sí'n Chingcís í ó indiu amach."

"Caithfear tosuigh ar an Earrach, uaidh seo amach." ("ó's seo amach" amanntaí ach is minicí adeirtear "uaidh seo amach".)

"Ní chuirfe sé aon-araoid ormsa uaidh seo amach, deirimse leat."

"Beidh mo cheart go bínn le deanamh agam agus aire 'tabhairt do mo ghna(ithe) féin, uaidh seo amach."

"Caithfe sé aire 'thabhairt dá chuid scoile uaidh seo amach."

"Deanad sé 'rogha rud uaidh seo amach — ní thiocfa mise igcleitheamhnas comhairle a chuir níos mó air."

"Ó tá sé pósta anois, caithfe sé fanacht istigh, uaidh seo amach."

"Tiubhra tú aire dhuit fhéin, uaidh seo amach."

"Is gearr a bheidheas an geimhreadh a' dul amach anois" = dhá chaitheamh.

"Tá'n samhradh ionann's amuigh" = indáil le caithte.

"Faoi cheann coicís' eile, beidh an t-Earrach amuigh."

"Airighim an mí seo an-fhada (a)g (dh)ul amach"

"Is gearr a bheidheas an tseachtmhain a' rith amach."

"Ní fhéadfamuid aon-mhugal a dhéanamh anois, go dteighe an droch-uair amach."

Amach = seachas, thairis, cé's moite, le … fhágáil as margadh.

"Mara chéile chuile dhuine aca(b) ó Sheán amach" = tá chuile dhuine aca(b) mara' chéile cé's moite de Sheán. [ImBéarla sa mbreac-Ghaedhealtacht — "out from that"]

"Comh-olc dóib, ó'n gceann is sine amach"

"Ní bhainfinn duine ná deoruidhe aca(b) as margadh; ó Cháit amach."

"Sé'n cás céadna uiliog iad ó'n athair amach agus a' t-athair fhéin."

"Níl maith ná maoin leo(b) uait fhéin amach."

"Uait féin amach, ní dhéanfainn an oiread a's beannú d'aon-duine eile, dhá bhfuil ar aon-bhaile leat."

"Bruthtuinn bhradach iad fré chéile, ó P. Ó. C. amach."

"Níl gnaoi a' bith agam orra(b), ó Tom amach."

"Sé'n bealach céadna atá le chuile gheinealach aca(b), ó'n gceann is sine amach."

"Ó na mangals amach, níl aon-rath ar aon-chur eile imbliadhna."

Amach roimh = 'san am atá le theacht.

"Tá'n t-aonach amach romhainn fós" = tá'n t-aonach le teacht fós.

"Tá'n Nodlaic amach romhainn go goirid, anois, agus ní feasach mé cá bhfaighe mé rud le na h-aghaidh."

"Tá cupla bainis amach romham an Inid seo."

"Marar phós tú fós amach romhat atá" = tá'n pósadh le déanamh fós agad.

"Sí'n mí seo amach romhat anois, an mhí is measa síon sa mbliadhain" = "sí'n mhí seo a' teacht an mhí is measa droch -uair sa mbliadhain (mí dheire foghmhair).

"Mara mbí aon-rath ar an aonach seo amach romhat anois, beidh na daoine buailte ar fad."

"Sé'n rabharta seo amach romhat anois — rabharta mór na Féile Brighde — an rabharta is mó sa mbliadhain."

"Tá'n cruadhóg uiliog amach romhainn fós."

"Dhá mbeadh fhios agam a raibh amach romham, ní phósfainn go bráth"

"Déan do chomhairle fhéin anois — tá tú óg agus do shaoghal amach romhat."

"Níor tháinic geimhreadh 'bith fós — romhat amach atá sé."

"Níl fhios againn, céard ag dia le n'a' n-aghaidh, amach romhainn."

"Mara dtaga aon-chor sa saoghal, an bhliadhain seo amach romhainn, beidh na daoine in an-chaoi."

Amach (mar bhriathar) = teirigh amach

"Amach annseo leat go beo, in do ghna(ithe)."

Amach leat feasta, agus ná bí locadóireacht thart annseo, níos

fuide."

"Amach annseo 'mhadaidh!"

"Amachaighidh (amachaigidh) lib in 'ur ngnaithe feasta."

"Amachaighidh lib (ch)uig an scoil, mar tá sé thar am."

"Amacaighidh lib i gcoinne na mbeithidheach, nó ní bheidh sib

as barr a' bhaile ó ló."

"Amach leis de sciotán ar a' tsráid."

"Amach léithe mar bhuailfeá ar a' gcluais í, agus dheamhan a cos a

thaobhuigh an teach seo ó shoin."

"Amach le Seán agus buile chuthach air."

"Amach leis, agus síos a' bóithrín faoi dheifir."

"Amach as m'amharc a ghráiscín!"

"Amach annseo a phaicle bhrada(igh)!"

"Tá 'bhfuil istigh 'sa muigh againn, caithte leis, agus níl sé 'déanamh aon-mhaith 'na dheidh sin."

= a bhfuil de mhaoin a's d'áirge againn; an méid is fiú muid.

"Níl luach leithpighne istigh ná amuigh againn, nach bhfuil míllte acab."

"Is beag atá istigh ná amuigh aige anois, nach bhfuil a' droch-bhail curtha

aige air."

"Níl bonn bán aige anois. Tá a raibh istigh a's amuigh aige, caithte leis

a' dlige sin." = troscán, airgead, talamh, eallach etc.

"Tá 'bhfuil istigh a's amuigh aice canndáilte anois."

"Níor fhága siad luach na cianóige istigh ná amuigh aige, nar itheadar

nó nar chrapadar leo(b)."

"Ní íocfa a bhfuil istigh a's amuigh aige, a chuid fiacha."

"B'éigin dó a raibh istigh a's amuigh aige a dhíol amach, mar bhí an beainnc a'

teacht anuas air."

"Is maith 'chuaidh sé as nach mb'éigin dó, a raibh istigh a's amuigh

aige a dhíol amach."

"Eirghe-amach" = (a) 'tabhairt droch-bhealaighe, nó droch-fhaisean faoi deara.

(b) spaisteoireacht; déanamh aeir; a dhul ag siamsaí.

(c) "eirghe-amach" pósta.

(d) tá "eirghe-amach" — a dhul a' troid in aghaidh riaghaltais — sa gcainnt anois, ach is le bliadhanta beaga anuas é, sílim.

Féach na leaganachaí in (a) agus (d).

(a) "Tá na daoine ag eirghe amach an-dona ar fad."

"Tá muinntear an ruta sin ag eirghe amach an-olc, le scath(amh)."

"Tá sé ag eirghe amach an-achrannach, agus b'annamh le aon-duine dhá dhreám a bheith amhla."

"Nach h-aisteach atá na daoine ag eirghe-amach."

"Is measa atá na daoine ag eirigh-amach anois, ná bhí siad ariamh cheana."

"Eireocha na daoine amach níos measa, réir a gcosamhlachta."

"Nach hé atá ag eirghe-amach leitheadach aghainn."

"Is dona an chaoi dhó 'bheith ag eirghe-amach mar sin."

"Má eirigheann sé siúd amach as a' teach agad, beidh cuímne agad air" = má thagann sé amach de ruathar.

"D'eirigh sé amach aghainn (= chugainn) in a theine bhruithte" = tháinic sé amach agus cuthach air.

"Eireocha sé siúd amach in a léine, agus buailfe sé an fear abhfus faoi'n bhfear thall."

"Má eirigheann sé siúd amach, beidh siubhal ag cuid ar a chéile agaibh."

"Níor eirigh mise amach ariamh, gan lún (= lón) a's costas a bheith agam, l'aghaidh an bhóthair."

"D'eirigh sí amach a' sciolladóireacht romham" = tháinic sí amach as a teach a' díbliú orm.

"D'eirigh sé amach (i.e a' troid) roimh na ngasúir, tráthnona agus iad a' teacht ó'n siopa."

"Is beag a' t-ughdar a gheobhfas sé siúd le eirghe amach roimh dhuine."

"Is beag a bhéarfadh orm eirghe amach roimhe anocht, agus é 'chasadh leis."

(b) "Is mór an eirghe-amach dhuit a dhul go Gaillimh" = scíth, siamsa, aer aoibhneas, nuaidheacht.

"Ní bheadh duine beo gan corr-eirghe-amach mar sin."

"Buail síos go Bearna. Nach mór an t-eirghe amach duit é go ceann-seachtmhaine, fharrus a bheith cruptha istigh san áit seo igcomhnuidhe."

"Ní mór dhom fhéin eirghe-amach anois. Is fadó an lá nach raibh mé in aon-áit."

"Is mór a' sásamh íntinne dhom an méid sin eirghe-amach. Tá dhá oiread croidhe agham dhá bharr."

"Ní eirghe-amach mór do dhuine a dhul siar sa ngiodán sin."

"Is mór an mhaith ar mo shláinte, scáth an méid sin fhéin eirghe-amach a rinne mé an tseachtmhain seo (gha)bh thart."

"Bhí coimhthigheas orm le na daoine an chéad chupla lá, ach ba mhór an t-eirghe amach dhom é 'na dheidh sin."

"Tá mo chuid eirghe-amach-sa anois ar iarraidh" = ní bheidh mé indon a dhul a' deanamh aeir etc níos mó.

"D'fhága an eirghe-amach an méid sin anois ort — do chois a bheith gortuighthe."

"Ní fhaca mé aon-saoghal eirghe-amach go h-iomdha mar é — chuile dhuine greadtha a' déanamh aeir dhó fhéin."

"'Sé saoghal an eirghe amach é, a dhuine sin."

"Is furasta eirghe amach anois, ó thosuigh na 'bicycles'."

"Tuige nach n-eireo(cth)á amach faoi'n tír, fearacht chuile fhear óg eile" = tuige nach dtiocfá amach a' siubhal a's a' spaisteoireacht a's a' deanamh aeir dhuit fhéin, mar do leithide eile féin.

"Is iomdha do leithide a d'eireochadh amach Dia Domhnaigh, agus a dhéanfadh scath(amh) fiadhach nó iascach."

"Cé'n stróbh atá ort, nach n-eireochadh amach uair eicínt ag céilidhe nó 'damhsa, mar dhéanfadh do leithide a' bith."

"Eirigheann sé amach a' spaisteoireacht 'chuile trathnóna beo, taca an ama seo."

"Níl domhnach a' bith nach n-eirigheann sé amach scath(amh) a' bualadh báire."

"Is fadó an lá nar eirigh sé amach cheana ag ceol ná damhsa."

"B'fhéidir anois ó thug sé faoi ndeara dhó fhéin eirghe amach, go mbadh deacair é 'choinneál istigh."

"Ó d'eirigh sé amach chor a' bith, ní chomhnócha sé anois, an taobh seo de Charraig a' Logáin."

"Shoraidh dhó nach n-eirigheann amach faoi'n mbaile fhéin, fharrus a bheith 'seideachan istigh igcomhnuidhe, a' breathnú 'sna straoiseannaí ar chailleachaí."

"Ní mian leis eirghe amach (ch)uig tada, mar 'bhfuil corr-oidhche Dhomhnaigh i bhfad ó chéile ann, agus an uair sin fhéin, ní maith leis a' rith fada a thabhairt air fhéin."

"Uair 'sna naoi n-áird eirigheann sé amach faoi'n mbaile fhéin anois."

"Ní dhéanfadh píosa eirghe-amach aon-dochar dhó."

"Nach orraí(bh) atá an eirghe amach fharrus clann a' bith eile sa tír."

"Is beag eirghe amach a rinne muide ariamh, ná fuair muid cead a dhéanamh, agus níor dhonaide muid sin."

"Dhá mbeadh gan a leath-oiread fonn eirghe amach a bheith orraí(bh) b'fhéidir go mbeadh déantús maitheasa eicínt ionnaí(bh) thar mar 'tá."

"Cé uaidh 'dtug sib, an t-eirghe amach uiliog? Ní ó athair ná máthair é ar aon-chor."

"Má tá fút eirghe-amach chor a' bith indiu, tá sé in am aghad a bheith corruighe feasta."

"D'eirigh sé amach a' deanamh aeir dhó fhéin luath go leor sa ló."

"Níl rud a' bith a' cur síos leis ach eirghe-amach a's aerighil"
= níl aon-suim aige idtada eile.

"Ba dheacair a sháith eirghe amach a thabhairt dhó, tamall, ach thuit a' driúll ar a' dreáll ar fad air, le goirid." [driúll ar a' dreall = trioll ar a' treall]

(c) "Eirghe amach" pósta: gnás atá igceanntair fós, go h-áirid ar Achréidh na Gaillimhe, go dteigheann daoine muinntreacha, a's cáirdí na mná "óige" [an bhrídeach] chuig an teach a mbíonn sí pósta ann, le bronntanais a's eile. Ar an gcéad Domhnach, nó in áiteachaí, ar an dara Domhnach Th'éis an phósta, a bhíos "an eirghe amach" ann.

"An Domhnach seo chugainn a bheidheas an eirighe-amach uirre" (an bhean a phós)
"A' dtiocfa tú ar eirighe-amach Nóra?"
"Dé Domhnaigh beag seo Domhnach an eirghe-amach."
"Bhí an oiread ar an eirighe-amach a's bhí ar a' mbainis."
"Nach conórach a' mhaise dhó é, bualadh síos ar an eirighe-amach sin."
"Tá siad imthighthe ar an eirghe-amach indiu."
"Is mór a' costas é idir bhainis, eirghe-amach a's cuairt mhíosa."
"Caithfe lucht na bainse uiliog a dhul ar an eirigh amach. 'Sé an rud is lugha dóib corr-bhronntanas a thabhairt (ch)uici anois, ó thárla go raibh sí fhéin chomh cóir a's bhí sí."
"B'fhearr oidhche na h-eirighe amach ná oidhche na bainse. Bhí neart ceoil, spóirt' a's damh(n)sa ann."
"Ní bhíonn cuiridheachaí a' bith ann do'n eirghe amach. Teigheann daoine ann gan iarraidh gan athchuinge."
"Lá eirghe-amach L. N. Ph. a cuireadh é. Casadh a' tsochraide dhúinn a's muid a' teacht abhaile."
"Ó tá an eirghe-amach thart anois, ní aireochamuid an chuairt mhíosa a' sciorradh isteach."
"Ba tútach an eirghe-amach í. Níor fiafruigheadh dhínn a raibh béal orainn ó chuaidh muid isteach sa teach, gur fhága muid arís í, a's dheamhan féachaint siar a rinne sí fhéin orainn."

"Ná tarraing amach é ar a bhfaca tú ariamh" = ná tabhair cionn-tsiocair dhó a theacht amach as a' teach.

"Leig sí amach ál" = leig an chearc amach ál éan as uibheachaí a raibh sí ar gor orra(b)

"Ar tháinic a' t-ál amach fós duit"

"Leig a' cearc sin amach líne agus aithlíne imbliadhna" = leig sí amach dhá ál.

"Ní faoi chirc a leigeadh amach mise chor a' bith" = ní amadán mé; níl mé chomh díthcéillidhe a's shílea(nn)s tusa. (Déarfaidhe é le duine a bheadh a' séideadh fút.)

"Ná síl gur faoi chirc a leigeadh amach mise, ach an oiread leat féin."

"Thug mise len' ínnseacht dóib, nach faoi chirc a leigeadh amach mé chor a' bith."

"Is mór a' dul amudha atá ort, má cheapann tú gur faoi chirc a leigeadh amach mise."

"An-fhear amach 's amach é" = fear toghtha é. (Cois-fhairrge).

"An-scoláire amach 's amach é."

"Bhfuil sé críochnuighthe amach 's amach" = ar fad, uiliog go léir.

"Tá sé bochtuighthe amach 's amach" = ar fad, uiliog go léir.

"Bhí sé óltach amach a's amach" = ar fad, críochnuighthe.

"Tá sé díbrighthe amach 's amach aca(b) anois" = ar fad; ní bheidh aon-chead aige iad a thaobhachtáil níos mó.

"Chinn an obair sin orm amach 's amach" = chinn sí orm dubh a's dubh. "Tá'n dole stoptha anois amach a's amach" = ar fad.

"Ar eirigh sé as an ól amach 's amach?"

"Tá úsáide a láimhe caillte aige, amach a's amach."

"Tá'n talamh díolta amach a's amach anois aige." = thar barr amach.

"D'eirigh sé as a' siopa amach 's amach" = ar fad.

"Rinne sé puca dhi amach 's amach" = bhuail sé amach uiliog é; sháruigh sé ar fad é.

"Tá sé dall amach a's amach." "Tá na riaráistí sin maithte amach 's amach anois." "Tá'n baile faoi na chosa aige amach 's amach, críochnuighthe."

"Ní mór leis 'chuile shórt 'bheith faoi na mhullóig féin, amach 's amach." = faoi na smacht fhéin; fágtha faoi na chúram fhéin ar fad.

"Tá cead a chomhairle fhéin aige, amach a's amach anois."

"Ní bhfuighe sé cead a chomhairle fhéin, amach a's amach mar sin."

"Tá'n mhóin bainte aige, amach 's amach anois."

"'Bhfuil a' cur déanta agad, amach a's amach anois."

"A' gcuirfe sib a' cúilín sin amach a's amach anois?"

"Tá Sasana buailte amach 's amach anois, má tá sé 'cínnt uirre saighdiúir 'fhaghail."

"Tá sé buailte suas amach 's amach anois" = níl éitir a' bith fanta ann = tá sé lag, lúbach, agus gan é indon corruighe amach.

"An-daimh(n)seoir amach 's amach é."

"Caitheadh imirt in aer amach 's amach."

"Tá sí in a geal-stoirm, críochnuighthe, amach 's amach."

"An-fhear amach é" = amach a's amach = críochnuighthe = toghtha = thar cíonn

[Achréidh — cuirtear amach 's amach ann taobh thiar de Ghaillimh]

"Bhí an-fhearg amach air" = an-fhearg ar fad.

"Tá sé an-saidhbhir amach" = an-saidhbhir ar fad.

"An-spailpín amach é." "Fear breagh amach é."

"Tá mé lagtha amach ar fad anois."

"'Bhfuil sé dall amach?" "Tá sé bodhar amach."

[ní baintear leas as amach mar seo ach le ainm-fhocla, aidiachta agus do-bhriathra. Ní féidir é a chur is 'chuile áit a gcuireann an mhuínntear taobh thiar de Ghaillimh amach a's amach. Cuirigcás ní abruightear "tá cead a chomhairle fhéin amach aige." "Ar fad nó críochnuighthe nó uilig, adéarfaidhe i gcás de'n tsórt sin.] Níl a' chiall chomh láidir le "amach" a's atá le amach 's amach]

"Tá'n talamh díolta amach aige" = díolta ar fad.

"Ní leigthe amach ar chíos atá sé aige, ach díolta amach."

"Dhíol sé amach an fheilm." "Tá faoi an áit a dhíol amach, agus a dhul a' comhnuighe (= comhnughadh) sa mbaile mór."

"Gheobha sé pighinn maith, ar a' teach anois, má dhíolann sé amach é."

"Tá sé leis a' troscán a dhíol amach uiliog, a's fuireann nuadh a chuir isteach."

"Má tá indán's go ndíola sé an talamh amach, ceannócha an dearbhráthair uaidh é."

Thar bárr amach:

"Cheannuigh sé an áit thar barr amach" = cheannuigh sé uiliog é; ar fad; cheannuigh sé dó fhéin é.

"Tá'n teach ósta ceannuighthe thar barr amach aige."

"Níl sé indon an gabhaltas sin a cheannacht thar barr amach, mara dtóige sé sa mbeainnc é."

"Mara bhfuil sé indon é 'cheannacht thar barr amach anois, th'éis Mheriocá."

"Cheannóchadh sé an fheilm thar barr-amach, dhá bhfaghadh sé aon duine le dhul imbannaí air sa mbeainnc."

Anacair = poll, scoilteadh, nó strapadh in éadan aille nó leice (Camus)

"Tugtar anacair ar áit chontabhairteach ar bith" (An Béal Beo — Tomás Ó Máille — níor chuala mé é, ach mar tá sé thuas).

"Chuaidh an bhó in anacair, agus coinnigheadh ann í."

"Tá anacair san áill, agus is doiligh a dhul in a h-aghaidh."

"Nuair a chuaidh mé ar a tóruigheacht fuair mé craptha istigh in anacair í."

"Bheadh fascadh beag san anacair, dhá bhféadá thú fhéin a bhrughadh isteach ínnte."

Anachain = dochar, díoghbháil, droch-dhíol; droch-íde; contabhairt.

"Is anachain cheart é an cladach" = is contabhairteach an áit é do dhuine (b'fhéidir gurab é a bháthadh a dhéanfaidhe ann, nó go gcaillfeadh sé a shlainte leis.)

"Ní anachain go dtí báid" = is mór an chontabhairt iad na báid.

"Níl fhios ag duine cá'il an anachain" = ní bhíonn (fhio)s ag duine, cá gcasfar sa gcontabhairt é.

"Níl fhios ag duine, cé'n anachain atá le naghaidh ó eireochas sé go dteighe sé 'chodladh."

"Má tá'n anachain le t'aghaidh, níl aon-ghoir agad imtheacht uaithe" = má tá anachain indán duit, níl tú indon téaltú uaithe.

"Sin é baile na h-anachain!" = is contabhairt a dhul ann; an té a rachadh ann, bheadh sé in aithmhéala.

"'Sé an anachain é" adéarfaidhe le duine contabhairteach nó duine olc, nó duine buailteach.

"Sin í leac na h-anachain" = áit a mbíodh troid agus bualadh go minic.

"Sin é casán na h-anachain" (gleann na h-a. etc.)

"Is mór an anachain, a dhul siar chor a' bith ann" = is mór an chontabhairt etc., b'fhéidir gur do bhualadh a déanfaidhe ann.

"Is a' brughadh ar an anachain atá tú" adéarfaidhe le duine a bheadh ag dul in áit chontabhairtigh; nó igcomhluadar nach mbeadh ar foghnamh.

"Nach maith go gcaithfeá tarraingt ar an anachain" adéarfaí le duine a bheadh i dtroid nó i gcontabhairt.

"Ní bheadh anachain ná contabhairt (ní bheadh contabhairt ná anachain) ó thigh dheamhain go tigh diúin ingan-fhios duit."

= bíonn tú is 'chuile chonntabhairt.

"Is maith an aghaidh ort é, ó's tú fhéin a bhí 'tóruidheacht na h-anachain"

= ní bhfuair tú ach ar thuíll tú, mar tú fhéin is cionntaighe

go ndeacha tú sa gcontabhairt (sa mbualadh etc)

"Fan as an anachain má fhéadann tú" aithne a cuirfí ar dhuine

gan a bheith idtroid in achrann ná igcontabhairt dá

bhféadadh sé.

"D'éagcóir Dé dhuit nar fhan as an anachain!" = níor dearnadh

leath-cheart (leath-chirt) leat, nar fhan tú fhéin as

an gcontabhairt = tuille tubaiste chugad (níl an eascaine

baileach chomh gangaideach sin) a chuaidh sa gcontabhairt.

"Níor dearnadh leath-'chirt leat a's a fhusacht duit fanacht as

an anachain."

"Fan as an anachain, ní a' cuir aithne ort é!" = comhairle

a bhéarfaidhe do dhuine an chontabhairt a sheachaint. Cuirtear

isteach an chuid deire, ionann's go mbeadh an cainnteoir ag

iarraidh a chuir idtuiscint do'n cheann eile, nach raibh sé

indon fios a ghnaithí a mhúineadh dó, as múineadh adeirea(nn)s

sé sin.

"'D'orduigh Dia fhéin an anachain a sheachaint'" (sórt sean-fhocal).

"Seachain an anachain!" = "fainic an anachain"

"Fainic a dtiocfá 'san anachain."

"Chuir sé pearúl air gan a dhul san anachain" = "chuir sé

aithne air, (thug sé comhairle dhó) gan a dhul san anachain."

"Dhá gcuirtheá pearúl (fainic, comhairle, aithne etc) air gan
a dhul san anachain, badh é an mhaith 'mháin dhuit é" =
ní thiubhradh sé aon-áird ar t'aithne.
"Tiocfa mac na mío-chomhairle igcomhnuidhe 'san anachain."
"Is do-chomhairleach (do-chomhairlighthe) a' duine é, nach
bhfanfadh as an anachain uair eicínt."
"Tiubhra an anachain a chomhairleachan dó as a dheire."
= beidh sé in aithmhéala faoi dhul sa gconntabhairt
uair eicínt = "comhairleocha an anachain é, agus ní
ní comhairleachan in aisce é.
"Ní fearr leis a' duine doscudhach áit dhá mbeidh
sé ná i gceart lár na h-anachain" = is maith leis
a' duine do-chomhairleach nó mío-chomhairleach a bheith
tarraingthe ar a' gconntabhairt i gcomhnuidhe.
"Is doscudhach an mac (diabhal, an cathuigheadóir etc) é,
nach gcoinneochadh amach as an anachain uair eicínt."
"'Sé buac an duine danardha a bheith 'san anachain"
= sé a bhfuil duine danardha (doscudhach, mío-chomhairleach
ceann-dána) a iarraidh é a chasachtáil igcontabhairt.
"Má tá sé leagtha amach ar an anachain, is beag a' mhaith aithne
a chuir air" = má tá faoi a dhul sa gcontabhairt nó

sa troid, níl aon-mhaith a rádh leis (gan a dhul) staonadh.

"Cé'n anachain a chas aniar anois é" = cé'n fhoghail nó mío-stáid nó dochar a thug aniar é = cé'n mhío-stáid atá faoi a dhéanamh ibhfus.

"Tá máthair ghuir na h-anachain idir a dhá shúil" adubhradh le duine a raibh sé de cháil air a bheith olc, nó mío-stáideamhail = "tá'n anachain idir a dhá súil"

"Chuir sé cáir air fhéin liom — cáir na h-anachain!" = thosuigh sé a' gaire liom — an gáire gangaideach"

"Leig thart an anachain má fhéadann tú"

"Ní chasfar san anachain mé nó go gcínne orm."

"'An té atá tórtha ar an anachain bascfa sí é' mar adeir an Soiscéal."

"Ní bhíonn aon-mhaith sa seanchus nuair a bhío(nn)s an anachain déanta" (sean-fhocal) = níl aon-mhaith a' fuasaoid nó a' cású an dochair nuair atá an dochar déanta.

"Cé'n smál a bhí air, gur casadh 'san anachain é" = "cé'n míádh nó catmara a thug sa trom-fhásc é."

"Is fada siar Doir' Fhátharta a thug do chosa thú?
Nach rabh fhios agad narbh fhéidir leat do cheann a thabhairt
as an anachain annsin."
"Níor lonnuigh mé ariamh ag cras-bhóthar Dhoire Fhátharta, mar
tá'n anachain ann de ló agus d'oidhche."
"Is i Leitir Móir atá a tabhairt amach" (tabhairt amach
na h-anachain) = is ann atá an anachain críochnuighthe.
"Má's leat coinneál ó'n anachain, coinnigh ó'n bpoitín."
"Má's leat an anachain a sheachaint, fan ó Bhaile an Droichid."
"'D'orduigh Dia an anachain a sheachaint' (sórt sean-fhocal)
"Ní beo é, gan é bheith sáithte san anachain" = tá sé igcomhnuidhe
i lár bruighne, troda agus eile.
"Dhá ghoireacht do bhaile dhá raibh sé, ba goire 'bhí an anachain" =
duine a buaileadh ar a shráid féin.
"Cuir a' croich chéasta idir thú féin agus an anachain" = fainic
a' chontabhairt.

Beannachtaí agus Mallachtaí faoi Anachain

"Coinnigh do chuid éadaigh ó'n teine, i bhfad uainn an anachain!"
"Ná teirigh in aice an chapaill, i bhfad uainn an anachain!"
"Ibhfad uainn an anachain agus an urchóid" adéarfaí nuair a d'fheicfeá
duine dhá threascairt, agus gan fhios agad faoi láthair, nach gortuighthe
a bhí sé. Nó déarfaidhe é nuair a d'innseochthaidhe
dhuit faoi an-bhás nó bás tobann a fuair duine, nó beithidheach.

Máire: cailleadh Seán Mór ar maidin.

Brighid: cér deir tú! Ibhfad uainn an anachain a's an urchóid!

"Croch Mícheáilín é fhéin i bhfad uainn an anachain 'san urchóid!"

"Go gcuire Dia anachain na bliadhna tharainn" adéarfaidhe oidhche chínn bhliadhna, nó ar chríochnughadh oibre, nó ar ghlacadh buidheachais duit faoi chumaoin a caitheadh leat (cuirigcás ag ól gloine fuisce ó chomhursa, nó a shamhail) nó déarfaidhe freisin sa gcás céadna

"Go gcuire Dia thar anachain na bliadhna muid fhéin a's ar muínntir, agus gach a mbaineann linn!" (nó muid fhéin a's ar muínntir, ar gcuid a's ar maoin, nó ar gcuid á's ar mbeithidheach!)

"Nar theighe sé in anachain dúinn!" ("nár leige Dia go dtiocfadh sé in anachain dúinn"!) adéarfaidhe faoi rud eicínt a dhéanfadh duine eicínt de'n teaghlach nó de'n chloínn, agus nach mbeadh fhios an 'un maitheasa nó 'un donachta a rachadh sé.

"Nár fheice dia an fhad sin de luighe bliadhna le anachain ná le éalang ort!" adéarfaidhe ag gabhail buidheachais faoi shoighleas nó faoi obair eicínt a rinne duine eile dhuit.

"Nar fheice Dia feoil anachain againn (féach síos tuille)

"Nar thuga Dia feoil anachain dúinn (féach síos tuille)

"Má bhíonn anachain ann go mbadh ort fhéin a thuitfeas sí" nó má theigheann sé 'un anachain d'aonduine anuas faoi do mhullach fhéin é" (faoi na mhullach féin é) adéarfaí le duine nó faoi dhuine a rinne droch-eascaine ort.

"Olc agus anachain na bliadhna air" = mallacht; eascaine.

"Mo chuid anachain air!" = mallacht; eascaine.

"Mo cuid de'n anachain air! = mallacht; eascaine.

"Nar leige an anachain thairti é! = mallacht; eascaine.

"Anachain muc agus beithidheach air! = mallacht; eascaine.

"Má itheann sé feoil, go mbadh feoil anachain í! = mallacht; eascaine.

"Mo chuid tubaiste agus anachain na bliadhna air! = mallacht; eascaine.

"Anachain na bliadhna anuas faoi na mhullach! = mallacht; eascaine.

Anachain muc ort! nó a. beithidheach ort! = mallacht; eascaine.

(2) anachain = bás muc, beithidheach etc.

Dá mbeadh duine ann nach mbeadh a chuid muc nó beithidheach ag eirghe leis, bheadh anachain muc nó beithidheach air, nó a' baint dó, bheadh neart feoil anachain aigeán a leithide.

"Tá anachain muc a' baint dó" nó "tá anachain beithidheach a' baint dó" = faghann a chuid muc nó beithidheach ar fad bás = bíonn díleághadh ar a chuid = ní bhíonn a chuid muc nó beithidheach ag (dh)ul dó.

"Tá anachain mhuc ar a' duine bocht. Níl muic a' bith ag eirghe

leis" = ní fhanann aon-mhuc beo aige.

"Tá sé scriosta bánuighthe ag anachain mhuc, ní dhá roinnt leis é!"

"Ní fhagann muc ná banbh aige, nach gcaillteár le anachain, ní dhá roinnt leis é, agus go mbadh leis fhéin uainne é!"

"Bhí anachain ag (dh)uil dá chuid muc ariamh, ní dhá roinnt leis é."

"Níor fhan banbh ar an ál aige, nár imthigh uaidh (nar cailleadh) le anachain, ní dhá roinnt leis é."

"Má tá'n anachain orra(b), imtheocha siad go tóin" (túin adeirtear) = má tá'n bás orra, caillfidhear uilig iad.

"Níor fhág an anachain muc ná banbh agam, ní a' ceasacht ar Dhia é."

"D'eirigh mé as bainbh ar fad mar ní raibh siad ag eirghe (ag eireachtáil) liom; níor fhága an anachain ceann ariamh agam." = d'eirigh mé as bainbh a thógáil etc.

"Dheamhan anachain a' bith ann, ach cainnt. Má tá an rud ag (d)uil duit, fanfa sé agad (mairfidh sé) agus mara bhfuil leágha na bhFíann, ní choinneochadh beo é." [Tabhair faoi deara, go bhfuil an dá chuid de'n chainnt in aghaidh a chéile annseo. Sa gcéad chuid dubhairt dubhairt sé nach raibh aon-anachain ann agus sa dárna cuid, bhréagnuigh sé sin aríst]

"Cailleadh iad leis an anachain mar dhoigh dhe! Cailleadh iad leis an ocras" (bainbh a cailleadh: dubhairt an té 'mba leis iad gur anachain a bhain dóibh, ach dubhairt an cainnteoir nach mbadh eadh ach ocras)

"Is mór an leath-rann agaibh an anachain chéadna. Dá dtugadh sibh beatha agus aire do na muca, ní raibh bás ná bascadh orrab" = nuair a cailleadh na muca dubhairt lucht a bhfreastail gur anachain ba chionn-tsiocair leo(b), ach dubhairt a' ceann eile, nárbh eadh, ach easba cothuighthe agus aire.)

"Dhá bhfaghadh na bainbh tógáil, sílim go sáróchaidís an anachain!" = dubhairt duine as greann é le tabhairt le tuiscint nach díleághadh a' bith a bhí ar na bainbh, ach easba tógál'

"Bhí siad ina rampairí nuair a chuir an anachain a caoi fhéin orra(b)" = "bhí siad bog, beaithte, nuair a cailleadh iad.

"Sin é Oisín indiaidh na Féinne. 'Sé ar fhága an

anachain ar an ál" = sin é an ceann deireannach
déigheannach, agus níl beo de'n ál ach é anois.
"Tá siad ar a' bhfaraor géar ag an anachain" = ní bheadh
fágtha de'n ál, ach ceann nó dhó.
"Cé'n mhaith a bheith 'cur beatha amudha leo(b). Is gearr gur ag an
anachain a bheidheas siad" = níl aon-mhaith 'bheith dhá
mbeathú, mar caillfidhear iad gan mórán achair.
"Tá'n anachain a' síneadh go maith leis an duine bocht" =
níl an anachain a' fágáil tada aige.
"Sí'n anachain atá indon síneadh le duine, ó thosóchas sí
chor a' bith" = tá sí indon é a bhánú. Imthigheann a
chuid beithidheach a's muc.
"Thug an anachain sioca eile faoi na chuid muc" = cailleadh

muca air leis an anachain.

"Ní thugann an anachain forus a' bith dhó" = tá a chuid beithidheach a's muc agus eile dhá síor-chailleadh.

"Tá smál eicín orainn go gcaillteár 'chuile sórt a' gabhail linn, leis an anachain" = tá míádh nó léan eicínt anuas orainn nach bhfanann beithidheach ná muc ná tada againn, nach gcáillteár.

"Bheadh ciall bliadhain, ach 'sí 'n anachain chéadna 'chuile bhliadhain í." = ní dhéanfaidhe iongantas a' bith, dá gcaillti iad bliadhain amháin, ach sé'n cás céadna é chuile bhliadhain imbéal a chéile.

"Sin é an áit a raibh an chreach, 'chuile bhanbh a' gabhail leis caillte ar maidin leis an anachain!"

"Siúd é an áit a raibh an chreach agus an creach nár roínneadh, trí mhuic bhreagha sínte thar oidhche, cáillte le anachain" = ba mhór an léan é, trí mhuic bhreagha caillte tar éis na h-oidhche.

"Sin é a bhfuil dhá mbarr agam anois: iad imthighthe le anachain, th'éis fheabhas na h-aire a fuair siad."

"Bhí siad in áithrid a ndíolta, nuair a chailleadh le anachain iad" = bhí siad in am andíolta nó sáthach reamhruighthe le díol etc.

"Dhá mbadh mb'fhiú céad punt iad, badh é an chás, amháin é, ó theang(mh)uigh an anachain, aon-uair amháin leo(b)."

"Anachain orra(b) nó dhíob, is fearr imthighthe iad na muid fhéin" = adéarfadh duine, nuair a chreidfeadh sé go raibh an t-imtheacht ar rud eicínt, agus gurbh fhearr imthighthe na muca nó na beithidhigh ná'n duine. [Féach imthigh]

"Ní fhágfa anachain na muc bonn bán air, mar ní mian leis eirghe asta(b)"

"Ó thárla an anachain ar na muca, leig mé asta(b) ar fad, agus beathuighim cupla gamhainín in a leaba." = d'eirigh mé as na muca ar fad, agus beathuighim gamhna ina n-áit anois, mar ní rabhadar a' eireachtáil liom.

"Ní raibh aon anachain mhuc sa sean-teach ariamh go ndeachadar sa teach nuadh" = ní chailltí muca orra(b) sa sean-teach, ach caillteart as éadan iad sa teach nuadh.

"B'olc an maltraid (an t-aistriú, an t-imirce) acu é ó'n sean-teach go dtí an teach seo. Ní raibh anachain mhuc ariamh ag baint dóibh go dtí le goirid."

"Díleághadh eicínt atá orra(b) ní dhá roínnt leo(b) é, nach n-eireochadh muc de mhíle muc leo(b) ag anachain." = tá smál nó míádh eicínt orrab, go gcaillteart na muca ar fad orra.

"Tá sé de gheis ar a' mbaile sin, go raibh anachain bheithidheach ariamh ann, ní dhá roínnt leis é."

"D'ídigh an anachain a' t-ál"

"Níor fhága an anachain ceann ar a' bhfeadhain aca(b) nar scuab sí léithe, má badh í máthair an áil féin í"

= cailleadh chuile cheann ar an ál agus an chráin féin ina dteannta.

"Is furasta codladh ar chneádha duine eile. Níl aon-neart ag a' duine bocht ar an anachain mhuc" = is furasta do'n duine abhfhus gan anachain mhuc an té údan thall goilleamhaint air, faoi nach mbaineann sí leis féin ná a chuid.

"Go gcumhdaighe dia ar gcuid ar anachain" = nár thaga anachain ar ar gcuid.

(3) Feoil anachain = feoil de bharr beithidhigh nó muca a chailleadh.

"Nar fheice Dia feoil anachain againn" nó "nar thuga Dia f. anachain dúinn" adéarfaidhe, dá mbeadh duine a' cur a chosa uaidh ag iarraidh feola, agus go h-áirid dá dtumnaigheadh sé an feoil. Déarfaidhe freisin é nuair a chaillfí beithidheach nó muc ar a' gcomhursa.

Seán: ag a' diabhal go raibh sib, nach bhfuair ruainne feola l'aghaidh an dinnéar (cé'n míádh a bhí orraí(b) etc. tuige sa míádh nach bhfuair sibh etc.)

An Mháthair: nar thuga Dia feoil anachain dúinn! (i.e. nar chaillteár beithidheach ná muc dá'r gcuid!)

"Cailleadh muc ar Sheán Sheumais indé, ní dhá roinnt leis é, agus go mbadh leis fhéin an fheoil anachain uainne!"

"Go gcoinnighe Dia feoil anachain uainn!" = nar thaga an díleaghadh ar ar gcuid!

"I bhfad uainn an fheoil anachain!"

"Má itheann muid feoil, nar badh feoil anachain í!"

"Má itheann muid feoil, nar leige Dia go mbadh le anachain í."

(nar leige Dia go mbadh f. a. í; go dtuga Dia nach feoil anachain í!)

"Go dtuga Dia dhuit nach feoil anachain 'íosfas tú!"

"Ní raibh aon-fheoil ar a' mbaile sin ariamh ach feoil anachain,

ní dhá roinnt leo(b) é!"

"A chuid féin ag 'chuile chréatúr, agus ná raibh f. a. ag aon duine!

= go bhfága Dia a chuid féin ag chuile chréatúr, agus ná raibh

aon-fheoil anachain ag aon duine.

"Má itheann tú feoil go mbadh feoil anachain í!" = eascaine.

"Go mbadh leo(b) fhéin uainne an anachain!"

"Roinnfeadh sé chuile shórt leat, ach an anachain" = duine

fial, gnaoidheamhail.

(4) "comhaire(amh) na h-anachain" = bíonn daoine a' comhaireamh

na h-anachain, nuair a innsigheas siad, cé mhéad muc

nó beithidheach a cailleadh orra, nó cé'n lear nó

bris eile a bhain dóib.

"D'eirigh mé ar maidin agus chuaidh mé 'na n-aonaigh mhóir

a' díol a's a' ceannacht mar chuaidh na seach(t) sínnsir

rómham

Casadh bean ar a' mbealach liom agus chuadhamar le chéile

ag ól

a's ní comhaire(amh) na h-anachain é, d'ólamar luach
na mbróg"
[an chéad cheathramha de "Táilliúr a' Mhaga" mar atá sé ag
Beairtle Ruadh Ó Flaithbheartaigh, Camus, ach ní sa n-amhrán
sin a bhíos sí i gcomhnuidhe]
"D'imthigh cheithre cinn de mhuca uaim ní a' comhaireamh
na h-anachain é" = cailleadh cheithre mhuc orm, ní
a' ceasacht ar Dhia é [creideann na daoine nach bhfuil
sé sonaidhe an anachain a chomhaireamh. Dhá b(r)ithin sin,
cuirtear isteach a' leagan seo 'chuile uair, dhá n-abruigheann
duine gur eirigh bris nó lear dó, mór-mór, má
chomhaireann sé méid a' lear'.]
"Ní a' comhaireamh na h-anachain é, cailleadh chuile
cheann ar a' bhfeádhain aca(b)."
"D'eirigh a' gceart dúinn, ní a' comhaireamh na h-anachain
é" = bhain a' ndíol bris nó lear dúinn, ní ceasacht ar
dhia é [a' = ar = ár. Aidiacht sealbhach. Ní cloistear ach

an a' i gCois-fhairrge]

"Tháinic a' díleaghadh ar fad ar mo chuid, ní a' comhaireamh
na h-anachain é."

"Ní bheadh fhios agad cé'n smál áta chor a' bith orainn
ní a' comhaireamh na h-anachain é"

"Níl fata agam de bhláth bliadhna, ní a' comhaireamh
na h-anachain é" = lobh ar chuir mé d'fhataí orm,
ní a' ceasacht ar dhia é.

"Ní raibh aicíd ná angar (amhgar) i dtír ariamh a
leig thairis muid, ní a' comhaireamh na h-anachain é" =
thagadh gach droch-ghalra, gorta agus 'chuile lear eile
dá mbíodh sa tír orra.

"Níl sé sonaidhe a' bheith a' comhaireamh na h-anachain
mar sin" = níl sé ádhamhail, a' bheith a' cur síos ar
do lear ná ar do bhris mar sin.

"Níl aon-mhaith an anachain a chomhaireamh."

"Fág an anachain le comhaireamh ag duine eicínt eile"

"Ní a' comhaireamh na h-anachain é, tháinic sé ar a' méir
féin againn aríst" = dá ndéanadh duine rud a
mbeadh sé in' aithmhéala faoi, agus go n-agróchadh dia
ar é aríst, déarfadh sé seo.

"Is beag de'n anachain a fuaireamar le comhaireamh ariamh, agus go gcoinnighe Dia mar sin muid" = is beag lear ná bris adeirigh dúinn ariamh, agus go mbadh amhlaidh dúinn feasta.

"Mara dtuga tú aire de do chuid caorach, is a' comhaireamh na h-anachain a bheidheas tú go goirid"

"Níl a' saoghal a' féithiú linn, ní a' comhaireamh na h-anachain é" = níl an saoghal ag eirghe linn, ní ceasacht ar Dhia é.

"Fuair sé a cheart fhéin de'n anachain le comhaireamh, ní dhá roínnt leis é" = cailleadh cuid mhaith air.

"Ní a' comhaireamh na h-anachain ab fhearr liom a bheith, dá mbeadh neart air."

"A' comhaireamh na h-anachain atá siad 'chuile lá san aer, ach sé a gcion-faillighe fhéin é" = orra fhéin atá an locht go gcaillteart nó go mbasctar eallach orra; ní thugann siad a ndóthain áirdill orra, nó ní bhreathnuigheann siad ina ndiaidh mar is ceart.

"Nár fhágha tú d'anachain le comhaireamh ach é!" = déarfaidhe é, nuair a d'eireochadh bris narbh fiú cainnt uirre de dhuine.

"Tá sé pighne caillte agam, ní a' comhaireamh na h-anachain é, ó shuidh mé ag a' gclár" = cearrbhach adubhairt as greann.

"Dhá bhfaghadh na cearca beatha, ní a' comhaireamh na h-anachain a bheithí anois" = ní imtheacht a' bith a bhí

orra, ach cheal beatha.

"Tá sé luath go leor a dhul a' comhaireamh na h-anachain, nuair a gheobhfas tú le comhaireamh í" = beidh sé sáthach luath agad a bheith a' casaoid, nuair a bheidheas an rud imthighthe; níl siad caillte chor a' bith fós.

"Ní mórán de'n anachain a fuair muid le comhaireamh ariamh, ní a' tabhairt gotha (gubha?) uirre é" = is beag a cailleadh orainn ariamh, agus níl mé ag iarraidh anois go gcaillfí, ach an oiread.

(5) béal na h-anachain, in aghaidh na h-anachain etc.

Dhá mbeadh gaoth mhór nó feóithin, nó toirneach nó a samhail ann, caithfidhe braon uisce coisricthe "i mbéal na h-anachain", nó "in aghaidh na h-anachain" i.e. craithfí é i dtaobh na gaoithe nó na sgaile (sgalach freisin)

"Craith braon uisce coisreacan in aghaidh (i mbéal) na h-anachain" = craith é indorus na gaoithe

"Fagh braoinín uisce coisreacan dom, go gcaithe mé é i mbéal na h-anachain" = dubhradh lá gaoithe móire, agus an stoirm i gcontabhairt a' teach a thógáil dá lúdrachaí.

[Nuair a bhítear a' craith an uisce coisreacan mar seo in aghaidh na h-anachain, bíonn 'chuile duine sa teach, a' breathnú in aghaidh na h-anachain agus a' guidhe. "Dia ráiste leatsa a Dhia" adeireas a' té bhíos dhá chraitheadh.]

"Caith an fhiacail sin in aghaidh na h-anachain" = fiacail a scoth duine, agus dubhairt duine eile leis í a chaitheamh in aghaidh na h-anachain as greann. (Go h-iondamhail, 'séard a déantar le fiacail í a chaitheamh siar thar mullach do chínn, ach gráinnín salainn a chuir ínnte idtosach. Is briotais magaidh doigh fhiacal é sin.)

(6) cruadhchan in aghaidh na h-anachain = gan géilleadh do'n mhíádh, do'n léan, nó do'n dubh-chinneamhaint; dubh-shlán na dubh-chinneamhna a thabhairt; ropadh leat as dubhshlán, dhá n-eirigheadh lear ná bris féin duit ("to steel yourself against misfortune")

"A' cruadhchan in aghaidh na h-anachain a bhí mé 'chuile lá ariamh" = dhá n-eirigheadh bris díom, ní chuirfeadh sé oiread múisiaim orm, a's go n-imtheochadh mo mhisneach uaim; dhá mbeireadh bris orm, bhuailfinn faoi'n saoghal aríst; dhá mbaintí leagan asam, d' eireochainn aríst dhe.

"Ní mór dhuit cruadhchan in aghaidh na h-anachain anois fharras ariamh" = tá air agad misneach a bheith ionnad, agus gan an bhris sin, do do chur 'san ainriocht.

"Ba mhaith uaidh cruadhchan in aghaidh na h-anachain agus a liachtaighe bris adeirigh dhó."

"Nuair ba mheasa chuaidh an saoghal dó, bhí cruadhchan in aghaidh na h-anachain ann."

"Is iomdha a leithide ariamh, nuair nach mbeadh an saoghal ag eirghe leis, a dhíolfadh amach a mbeadh aige, agus a ghreadfadh go 'Meiriocá. Ach ina leaba sin a' cruadhchan in aghaidh na h-anachain a bhíodh sé. Tá a shliocht air anois: tá'n saoghal a' féithiú leis dhá fhada go dtí é!"

"Is iomdha cor sa saoghal, agus níl ag duine ach cruadhchan in aghaidh na h-anachain, nuair a thosóchas sé a' gabhail dhá maidí air." = nuair a thosóchas an saoghal ag dul in aghaidh duine, níl aige ach a dhubhshlán a thabhairt, agus a dhícheall a dhéanamh.

"Ba mhór a' saothruidhe é a' cruadhchan in aghaidh na h-anachain."

"Ba mhaith a shaothruigh sé an saoghal ariamh a' cruadhchan in aghaidh na h-anachain.

"Bhris an 'bicycle' orm leath-bealaigh abhaile, agus bhí orm cruadhchan in aghaidh na h-anachain annsin."

Anáil [Foghar = unáil — gein. anála, anáile amanntaí, iolraidh anaileachaí]

Anáil = aer a súightear isteach is na scamhógaí agus a cuirtear amach arís.

"Tá 'anáil aige go breagh" = déarfaidhe le duine tinn é, nó duine théis ruaig múchadh nó plúchadh, a mbeadh biseach air in ath-uair.

"Tá anáil láidir (lag, shéidthe, droch-anáil, anáil bhréan, anáil phlúchta, anáil ghearr, anáil bhriste, anáil phiachánach etc.) aige."

"Tá anáil bhriste ag an gcapall sin, nó tá a h-anáil briste." = ní bheadh mórán seadh coisidheachta innte an uair sin.

"Tá anáil chriotánach aige" = fear múchta nó plúchta.

"Tá anáil phiachánach aige" = duine a mbeadh fead in' anáil.

"Ta fead in 'anáil"

"Nuair a bhuaileas an t-úalach é, ní fhanann puth dhá anáil aige" = "ní bíonn tarraingt na h-anála ann" = "bíonn sé plúchta nó bíonn giorr-anála air."

"Ní raibh puth dhá anáil aige, scáth an achairín sin a shiubhal."

"Bhí sé séidthe agus gan puth dhá anáil aige."

"Tá giorranála a' dul dhó, le fada"

"Is togha coisidhe céad slat é, ach buailtear suas san anáil é uaidh sin amach" = "tagann an anáil gearr air." = loiceann an anáil air.

"Bhí sé 'cur an-stróbh air, 'anáil a tharraingt."

"Níl tarraingt m'anála ionnam" = nuair a bheadh saothar ionnad; thú séidthe, nó giorranála, plúchadh, criotán nó faitchíos ort.

"Ní raibh sé 'faghail na h-anála leis" = "ní raibh an anáil a' teacht leis" = "bhí sé 'cínnt air anáil a tharraingt." = "bhí cínnte air anáil a thabhairt (a fhaghail) leis." = a' cliseadh; nó a' cinneadh

"Ní fhéadfá t'anáil a tharraingt ann" = áit chumhang phlúchtaigh -the, agus b'fhéidir brughadh mór daoine ann.

"Ní bheadh aon-ghoir agad t'anáil a tharraingt, leis a' mbrughadh daoine 'bhí ann."

"Níl áit agam a dtarraingeo(ch)ainn m'anáil" = tá mé brúighte plúchtaí ag brughadh. Déarfaí é le duine bheadh ar bheagán talmhan freisin.

"Tá anáil dhá ghortú" = nuair a bheadh a' cinnt ar duine 'anáil
a tharraingt.
"Tá sé múchta suas, agus gan puth dhá anáil aige."
"Bhí srunán (srannán?) in 'anáil" = cliar ann, nó é 'puthaighil,
fearacht duine bhíos a' saothrú báis.
"Bhí anáil ghriodánta aige" = anáil láidir nó srunán mar a' duine
atá 'tarraingt ar a' mbás" (féach griodánta).
"Tá díogarnach anála ann fós" = duine nuair a measfaí go
mbeadh sé séaluighthe ach go mbeadh anáil bheag aige.
"Is beag an díogarnach anála atá aige anois" (féach díogarnach)
"Tá'n anáil fós ann" nó "tá'n anáil ar éigin ann" = duine
bheadh ionann's básuighthe.
"Níl ann ach go bhfuil an anáil ann anois" = duine a'
saothrú báis.
"Tá anró ar 'anáil" nó "tá anró air 'anáil a tharraingt"
duine mbeadh giorranála nó plúchadh air, nó bheadh a'
saothrú báis.
"Tá anáil a' cinneamhaint air."
"Tá sé séidthe suas le giorranála."
"Ní raibh focal de'n chainnt aige le giorranála."
"Duine giorranálach é."
"Saothruigheann sé an plúchadh go maith. Bíonn sé amanntaí, agus
ní fhaghann sé anáil leis, go ceann fada."
"Tháinic ualach air a bhain an anáil dhe d'aon-iarraidh"
[féach "ualach"]
"Ní raibh smeámh anála a' fanacht aige" = "bhí sé 'cailleadh na
h-anála" = "bhí an anáil ag imtheacht uaidh.
"Níl aige ach smeámh beag anála" = puth beag.
"Bhain sé an anáil dhíom le iarraidh"
"Tá sé tinn criotánach, giorranálach."
"D'aithin mé ar anáil go raibh sé ag ól" "Bhí baladh na n-ubhall cumharta go trom
ar anáil" (líne as amhráin)

"Chuaidh an phlaic le'n 'anáil, agus fhobair gur thacht sé í."
"Chuaidh an greim le m'anáil, agus síos sa bpíobán garbh, agus chaith mé tamall a' casacht, nó gur chuir mé aníos arís é."
"Chuir an greim a chuaidh len 'anáil múisc air."
"'Deiseall'! Le t'anáil a chuaidh sé."
"Glac t'fhoighid, má chuaidh an bheatha le t'anáil."
"Cnámh a chuaidh len' anáil agus a sheas in a phíobán. Níor cheart do dhuine bheith uathbhásach ag ithe."

Dubhairt sé rud eicínt faoi'n anáil, ach níor chuala mé é" = go h-an íseal; go neámhaide; faoi'n fhiacail.
"Bhí sé mugailt faoi'n anáil, ach pé'r bith céard adubhairt sé, bhí sé ro-neámhaidhe le na chloisteáil" = bhí an cainnt a bhí sé a dheanamh faoi'n fhiacal ro-íseal, le go gcloisfeadh duine í.
"Ná bí cainnt mar sin faoi t'anáil, ach abair an rud amach."
"Pé'r bith céard adubhairt sé faoi'n anáil adubhairt sé é."
"Ba mhaith an scéal dó fhéin gur faoi'n anáil adubhairt sé é, mar ní fhágfaidhe mion-multhóg dhe indiaidh a chéile annsiúd dhá gcloistí é."
"Rinne sé mugailt eicínt faoi'n anáil, ach níor chuala aon-duine céard dubhairt sé ceart."
"Ná leig le h-ais t'anála an méid sin" = ná h-innis d'aon é; ná trácht air.
"Má innsigheann tú rud dhó siúd, dheamhan le h-ais anála 'leigfeas sé go bráthach é" = brúghfa sé 'chois air; ní thráchtfa sé air.

Anáil ghabhair
"Chuir sé anáil ghabhair faoi" = chuir sé scéin ann; thug sé leath-mharbhú air; chuir sé sa gcruth é, gur thosuigh sé ag dul chun deire, nó nar thaobhuigh sé an áit sin uaidh sin amach (chuile fhás a dteigheann anáil a' ghabhair faoi nó a itheas gabhar, teigheann sé 'chun deire, agus is deacair leis fás ná borradh a teacht faoi arís).

"Chuir Antoine anáil ghabhair faoi an babhta deireannach a raibh sé ibhfus agus thug sé cúl do'n áit seo ó shoin."

"An uair deire a raibh Ned Phatch in' éadan, caithfe sé gur chuir sé anáil ghabhair faoi, arae níor ól sé aon-deoir bhainne slainte ó shoin" = tá sé ag imtheacht as, agus mío-shlainte a' teacht air ó bhí Ned Patch in' éadan.

"Sin é an buachaill atá indon an anáil ghabhair a chuir fútha(b)."

"Caithfe sé gurb í eascainidhe an mhisinéara a chuir anáil ghabhair faoi na chuid cuir, mar níl fata aige de bhláth bliadhna" = loic a chuid cuir, agus ní bheidh fata aige dhá bharr agus caithfe sé gurb í eascaine an mhisinéara a thuit ar an gcur.

"Mar gcuire an béal eascainidhe agus mionna mór a bhí air anáil ghabhair faoi'n mbaile uiliog, ní'l fhios agamsa cé'n scéal é."

"Seáinín Cháit agus a chuid 'luibheanna' atá 'cur anáil ghabhair faoi 'na bhfuil ar a' mbaile sin. Níl oiread 'amén' in aon-dhuine dhá bhfuil istigh ar fhuaid" [féach "luibh"].

"Níl aon-teacht suas faoi, marab é Mac Uí Fhlaithbhearta(igh) a chuir aon-anáil ghabhair faoi, nuair a bhí sé in a phiodarlann"

"Is maith an scéal anáil ghabhair a chuir faoi na leath sin, mar dhá dteagaidís in éifeacht cheart, ba thruagh do'n bhaile agus do'n phobal a mbeidís istigh ann."

"Cuirfe mise anáil ghabhair faoi'n mbuachaill sin, agus racha mise faoi dhuit, nach ar an mbaile seo is mó a bheidheas sé 'taithighthe in a dhiaidh."

"Anáil na gaoithe". = gaimh nó míneadas na gaoithe

"Is géar í anáil na gaoithe anoir anocht."

"Thiocfadh anáil na gaoithe go smior a's go smúsach ionnad."

"Ní éadáil mhór a' bith í anáil na síne atá amuigh anocht" =

tá an ghaoth, an bháisteach, an flich-shneachta etc géar, gaimhtheach.

"Níor mhaith dhuit anáil na gaoithe bhí ann an oidhche údan a

fhaghail faoi'n tsean-chabhail."

Anáil ag teach nó foirgneamh = é bheith áirgeamhail, fairsing, agus an

ceann crochta go breagh air, agus i riocht's nach mbeadh sé

plúchtaíghthe istigh ann.

"Tá anáil bhreagh ag a' teach sin."

"Má chrochann sé an ceann chomh h-árd sin, tiubharfa sé anáil

bhreagh do'n teach."

"Níor mhór dó mar sin anois, go mbeadh a dhíol anála aige."

"Tá áirge agus anáil sa gcisteanach siúd" = tá sí breagh

fairsing, agus na fraghtachaí crochta

"Ní mó ná dhá gcuireadh sé cupla cúrsa eile ar a'

mballa go mbeadh a dhóthain anála ag a' teach."

"Shoraidh dhó, ó chuaidh sé 'cur caoi 'bith air, nar fhága

a dhíol anála aige."

"Níl aon-anáil ag a' seomra sin. Phlúch(f)aí ann thú"

Anam: iolraidh anamnachaí, anamnacha: geineamhnach uathaidh = anama.

Anam: spioraid; an ghné de'n duine, a bhfanann beodhacht ann, th'éis báis na colna.

"'Anam bocht mé atá a' luirg an eoluis ar bhóthar a' chruadhtain'"
(líne as na "Críocha Déigheannacha").
"'Bhí an t-anam a' screadach ar Dhia ag iarraidh trócaire'."
(as sean-scéal).
"'Imthigheann a' t-anam as a' gcorp thrídh logán na baithse'" (sin é adeirtear).
"T'anam fhéin a bheidheas síos leis, má dhéanann tú an t-olc"
= ar t'anam fhéin a thuitfeas an t-olc a dhéanfas tú.
"'Sé t'anam fhéin a íocfas ann ar an lá deireannach."
"Cheannuigh Mac Dé anam 'chuile chréatúr ar a' gcrois." = shaor sé iad ó chumhacht a' diabhail.
"Is beag a' suím atá 'nar n-anam againn, agus chomh daor a's cheannuigh mac Dé muid."
"Is maith a cheannuigh Mac Dé 'chuile anam, dhá bhfuil ar a' saoghal, a's is fánach an áird a thuga(nn)s cuid de na daoine na dheidh sin Air."
"Racha anamnacha na bhfíréan go flaithis, agus na h-anamnachaí damnuighthe go h-Ifreann."
"Is cuma céard a dhéanfas a' cholainn má tá'n t-anam bocht ceart."
"Níl fhios ag an anam bocht, cá ngabhfa sé ó fhágfas sé an cholainn
"Is dhá anam féin a's measa sin, má tá indán's go ndeárna sé an éagcóir."
"Meádhfa Mícheál Árd-Aingeal 'chuile anam annsiúd, agus má tá indán's gur mó dhá chionnta ná dhá dheagh-oibreachaí, síos go h-Ifreann a chuirfear é" = (badh é sin baramhail na ndaoine faoi'n mBreitheamhnas — go meádhfadh Mícheál Árd Aingeal chuile anam, agus dhá mbadh truime a chionnta ná a dheagh oibreachaí go dtligfidhe síos go h-Ifreann é; féach leat "na Críocha Déigheannacha, le lide fhaghail faoi na scálaí"

seo).

"Tá cairt ar 'anam le peacaidhthe, ní dhá roínnt leis é."

"Níl ag aonduine breitheamhnas anama thabhairt ar dhuine eile, ach ag Dia."

"Ágrócha Dia ort breitheamhnas anama a thabhairt ar chréatúr a' bith mar sin."

"Tabhair aire do t'anam fhéin, a's ná bac le anam aon-chréatúr eile."

"Anam bocht eicínt atá ar seachrán a bhí ann" = nuair adéarfadh duine go bhfaca sé rud eicínt.

"Bíonn anam ar 'chuile thaobhán de'n teach an oidhche sin" (Oidhche Shamhna — sin baramhail eile a bhí ag na daoine faoi'n oidhche sin).

"Tá an oidhche chomh dubh le anam tincéara (anam ministéara)" = chomh dubh le pic, chomh dubh leis a' daol.

"Is duibhe anois í (an oidhche) ná anam tincéara."

"Go ndéana Dia Trócaire ar 'anam!" = "go ndéana dia maith ar anam!" "Go ndéana Dia maith ar 'anam, agus ar 'chuile anam bocht eile dhá bhfuil ar shluagh na marbh. Amén!"

"Go dtuga Dia árus dá anam bocht!"

"Go dtuga Dia árus do 'chuile anam bocht atá ar seachrán!"

"'An Páidrín Páirteach a bhí inGáirdín Pharrthás
in onóir na mná bhí 'riamh gan locht
a Íosa Críost a's a Rí na nGrásta
go dtuga tú árus dá anam bocht!'"

[Deirtear indiaidh an Pháidrín Pháirtigh ar thórraidheachaí, nó an uair a cuirtear corp faoi bhrigh na guidhe.]

"Go dtuga dia su(a)ímneas síorruidhe na bhFlaitheas dá anam bocht, agus d'anam 'chuile chréatúr eile, má's é toil Dé é!"

"Nar fheice Dia 'anam ar seachrán!"

"Nar fheice Dia fuigheall faoistin, faillighe Aifrinn, ná uireasbha aithrighe ar 'anam!"

"Nár fheice Dia fuigheall a' bith ar anam, má's é toil dé é!"

"Go ndéana dia grásta ar 'anam!" = "go ndéana Dia na Grásta ar 'anam."

"Su(a)imneas síorruidhe go dtuga Dia dá anam!"

"Go rathuighe Dia ar n-anam a's an obair" = deirtear indiaidh obair a chríochnú.

"Go dtuga Dia na Flaithis do t'anam."

"Tá sé ag déana(mh) anama" = a' deanamh aithrighe, a' déana(mh) lóin do'n tsíorruidheacht.

"Ná fág t'anam gan déanamh, pérbí cé'n fhaillighe eile bhainfeas duit."

"Tá sé chomh maith dhuit t'anam a dhéanamh anois (a dhul a' déanamh t'anama) mar mairbheocha sé siúd thú, an dhá luath a's a bhfuighe sé greím ort."

"Tá sé chomh maith do na daoine a dhul a' déanamh a n-anama, mar 'sé 'chosamhlacht gurb é deire an domhain é."

"Ní móide go bhfaightheá an t-ionbhadh t'anam a dhéanamh an uair sin."

"Ba chóra dhó go mór a bheith 'déana(mh) anama, a's an aois atá aige, ná amuigh ag obair."

"A' déanamh t'anama ba cheart duit a bheith, a's ní do do mheárú fhéin faoi obair."

"Tá sé in am aghad feasta a dhul a' deana(mh) t'anama, nó'n ceapadh atá agad, go mairfe tú choidhchin."

"A phaidrín ba cheart dó bheith aige, a's é a' déanamh anama, i leaba a bheith ag imtheacht ag damhsaí."

"Bainfe mé an t-anam asad, má chloisim tú ghá rádh sin aríst."

"Bainfe sé siúd an t-anam asad, má fhaghann sé amach, go gcainnteocha tú ar a' méid sin."

"Fhobair gur bhain sé an t-anam asam, le cuthach, faoi gur shamhluigh mé leis gurb é adubhairt é."

"Bhainfinn a' t-anam as, dhá mbeadh fhios agham siúráilte, go raibh aon-phlé aige leis."

"Ní raibh le déanamh leis, ach a' t-anam a bhaint

as, te, bruithte, má bhí aon láimh aige ann." = é mharbhú.

"Bainfe mé an t-anam asad, te, bruithte, má fheicim go gcuire

tú aon-phíopa in do bhéal le do ló aríst."

"An t-anam a bhí bhaint as, mar sé shaghd an chuid eile ar fad."

"Is beag a bhéarfadh orm, an t-anam a bhaint as, marach

leisce a dhul a' tarraingt aghaidh na ndaoine orm fhéin."

"Bainfe mé an t-anam asad, má chloisim ag aithléigheamh aríst thú."

"Má chloiseann t'athair, gur thaobhuigh tú isteach a' teach sin, bainfe sé an

t'anam beo, beithidheach asad."

"Má tá indán's go mbainfe tú leis a' sparán sin feasta, bainfe mé

an t-anam amach asad beo beithidheach."

"An t-anam a bhí 'bhaint asad — seadh sin!"

"Níl sé ionrásta ag fear na h-áite seo a dhul siar annsiúd. Bhainfidhe

an t-anam, beo beithidheach as thiar ann."

"Má bhaineann tú le mo 'bhicycle' bainfe mé an t-anam asad,

a chimleacháin."

"Dhá gcloiseadh 'athair go mbeadh aon-láimh aige in obair de'n tsórt sin,

bhainfeadh sé an t-anam, beo beithidheach amach as a chraiceann."

"Má chuireann sé aon-araoid ar mhac a' peata de'n tsráid seo, sé'n

t'anam a bhainfeas as, feicfe sé fhéin."

"Níor mhiste liom dhá mbain(f)í an t-anam asam, ar a' toirt, ach

déanfa mé do lá."

"Dheamhan ar mhiste leis siúd, dhá mbain(f)í an t-anam as faoi, ach

bhuailfeadh sé thú faoi láthair, le rud a' bith ba túisce aige."

"Ní chuirfeadh sé a dhath scóchais orm, faoi na dhéanamh a's bíodh fhios

agam go mbain(f)idhe an t-anam asam ar a' toirt."

[Scóchas = guaim = cúl = bacainn]

"Ní loicfinn, ó chuirfinn romham an rud a dhéanamh, dá mbaintí

an t-anam asam ar a' nóiméad."

"Thug mé m'anam liom ar éigin" = "is ar ín (iodhain) ar éigin, thug mé m'anam liom."

= "sáthach righte 'chuaidh sé liom a thoidheacht slán."

"Bí buidheach ó thug tú t'anam leat as chor a' bith."

"Is ait a chruthuigh tú a's t'anam a thabhairt leat chor a' bith ó'na sclamhairí siúd." "Bhí an tSeamair Mhuire agad, a's t'anam a thabhairt slán leat ó na h-amhuis údan."

"Marach chomh tráthamhail a's tháinic Máirtín, bhí mé réidh le m'anam a thabhairt liom beag ná mór." = chinnfeadh orm a theacht slán

"Ní cás duit é, a's t'anam a thabhairt leat, as a' tromfháisg sin chor a' bith."

"Ní raibh mé chomh mór idteannta i gcaith(eamh) mo shaoghail ariamh. Chinnfeadh orm m'anam a thabhairt liom chor a' bith uatha(b), marach chomh h-óltach a's bhí siad, a's nach rabh fhios aca céard a bhí siad a dhéanamh."

"Ó thug mé m'anam liom de'n gheábh sin, is fada aríst go bhfeictear mise 'sna bólaí siúd."

"Tabhair buidheachas le dia go dtug tú t'anam leat, chor a' bith."

"Ó d'eirigh liom m'anam a thabhairt liom, as a' tromfháisc sin, seachnócha mise an anachain feasta."

"Shíl mé nach dtiubhrainn m'anam liom, arae bhí an sruth ar fad in m'aghaidh" (fear a bhí ar snámh).

"Mara n-innsighe tú amach annseo é, ní thiubharfa tú t'anam leat as ball na h-áite."

"Thug sé 'anam leis as 'chuile gábhadh."

"Is iomdha achrann a raibh mé ann ariamh, ach ní dheacha sé chomh déan (= dian) ariamh orm m'anam a thabhairt slán liom, a's chuaidh sé an babhta seo."

"Is mór a' t-iongnadh gur fhéad sé 'anam 'thabhairt leis chor a' bith, a's comh mór a's bhí siad sa tóir air."

"Thrídh na 'ndeacha sé thríd ariamh, tá faitchíos orm go gcinnfe air 'anam 'thabhairt leis an babhta seo" = "is mór a' lear a ndeacha sé thríd, ach tá sé ingreim sa deire.

"Má thugann sé 'anam leis anois, tá Dia in' fhabhar."

"Nach mór a' t-iongnadh gur leig siad t'anam leat chor ar bith"

= "nach mór a' t-iongnadh nar mharbhaigheadar nó nar dhonuigheadar thú.

"Bí buidheach gur leig siad t'anam leat, a mhic ó."

"Ní raibh cuímne 'bith aige, go leigfidís anam leis chomh réidh sin, ach ní dhearnadar níos aoirde ná bruicneáil a bhualadh air."

"Leig sé m'anam liom, réidh go leor."

"Ní bheadh baoghal orra(b) m'anam a leigean liom leath chomh h-éasca, marach a' faitchíos mór atá orra(b) roimh an dlighe anois."

"Bhí tamall ann, a's ní leigfí 'anam leis chomh réidh sin as na bólaí sin."

"Ba dona na fir iad, a's a ghráin a bhí aca(b) air, gur leig siad 'anam leis chomh réidh sin."

"Ar ín [iodhain] ar éigin, leigeadar m'anam liom chor a' bith."

"Ba bheag a' díol truaighe thú, dhá mbeidís gan t'anam a leigean leat fhéin. Breagh go ndeacha tú a' brughadh orra(b) a's a fhiosacht duit, go raibh an chloch sa muinchille aca(b) duit."

"Marach T. Bh. ní leigfidhe m'anam liom chor a' bith."

"Dheamhan 'anam a leigfidhe leis aréir, marach faitchíos roimh an áit abhfus aríst."

"Níor mhilleán a' bith dóib é, dá mbeidís gan anam a leigean leis a' gceann céadna chor a' bith, a's a dtug sé d'ughdar dóibh."

"Beidh t'anam agam, má chloisim ar a' gcainnt sin aríst thú" = marbhócha mé thú; tiubharfa mé leath mharbhú ort

"Mara dtóige tú aghaidh do bhéil dhíom, beidh t'anam agam, a's sin é 'bhfuil 'na timcheall."

"Go mbadh seacht míle measa 'bheidheas tú 'charracháinín, má bheirim ort, beidh t'anam agam!"

"Má chloisim an focal sin as do bhéal aríst, beidh mé do do rúscadh go mbí t'anam agam."

"Má chloisim a' luadh mionna mór aríst thú, beidh t'anam agam."

"Mara ndéana sé 'ghna(ithe), a's eirigh as cuartuidheacht, beidh 'anam agam."

"Is fada é dhá thuar duit, ach beidh t'anam agam sa deire."

"Beidh anam orm sa deire" = marbhócha mé é sa deire. Is mé bheidheas cionntach le na bhás = is orm a bheidheas a bhás.

"Ná bac leis. Níorbh fhiú dhuit 'anam a bheith ort!"

"Mara n-eirighe sé as a chuid maga fúmsa, sé'n chaoi 'mbeidh sé aige, beidh anam orm, dhá fhada go dtí é."

"Marach narbh fhiú liom é, bheadh t'anam orm."

"Marach narbh fhiú liom t'anam a bheith orm, ní fhágfá ball na h-áite go ngiorruighinn leat."

"Is furasta cuir chuige, agus ní fiú dhuit anam a bheith ort."

"Ó dhonacht é, níor mhaith liom 'anam 'bheith orm."

"Dhá dtugadh sé mórán eile ughdair dhom, bheadh anam orm."

"Shílfeá nach bhfuil sé 'cur a dhath múisiaim air, go bhfuil anam Sh. air."

"Ní ghoillfeadh sé 'dhath air siúd, anam duine bheith air" = ní ghoillfeadh sé tada air, duine 'bheith marbhuighthe aige.

"Tá anam duine ar M. Mh." = mharbhóchadh sé duine. Tá marbhú duine air (nó ann).

"Leig dhó sin, ar mhai(the) leat féin. Tá anam duine air!"

"Sin é an anachain. Tá anam duine air, nuair a baintear amach é."

"Ní chuirfead sé ó chodladh na h-oidhche é sin, anam duine a bheith air."

"Is furas aithne ar a dhá shúil go bhfuil anam duine air" (ní chialluigheann seo gur mharbhuigh sé duine, ach go marbhóchadh sé é, ar bheagán scrubaill)

"Mara leige sib dhíom fhéineacht, beidh anam ceann agaibh orm" = marbhócha mé duine agaibh.

"Dhá mbainidís mórán eile cainnte asam, bheadh anam duine orm."

"Is beag, beag a' scruball atá aige sin, anam duine 'bheith air." "Ma bhuaileann a' taghd cheart é sin, beidh anam duine air." "Marach leisce t'anam a bheith orm, dheamhan deoir a d'fhágfainn ionnad."

"Bhí 'anam in a chluais" = bhí sé lionnruighthe; bhí an-fhaitchios air.

"Bhí m'anam in mo chluais agam faitchios a dtiocfadh sé isteach."

"Ó chonnaic mé é, bhí m'anam in mo chluais."

"Ba bheag a' dochar dhom, m'anam a bheith in mo chluais, a's a' sunnda a chonnaic mé ann" [féach "sunnda"]

"Bhí m'anam in mo chluais igcaith(eamh) na h-oidhche, nuair nach raibh sé 'teacht."

"Bhí m'anam a' dul amach thar mo bhéal" = "bhí mo chroidhe ag dul amach thar mo bhéal" = le teann faitchíos, scannartha, deifre, bruide etc.

"Bhí m'anam in mo bhéal agam" = bhí an-fhaitchios, an-deifir, an-fhorrú, an-chruadhóg etc. orm.

"Bhí m'anam a' dul amach thar mo bhéal, le faitchíos go dtosóchadh achrann ann."

"Chaith mé an oidhche ar a' leaba a's m'anam ag (d)ul amach thar mo bhéal le faitchíos roimhe thaidhbhsí."

"Bhí h-anam a' dul amach thar a béal, le teann deifre a's forrú."

"Tá anam ag (dh)ul amach thar a bhéal, a' deifriú leis a' gcur."

"Bíonn anam igcomhnuidhe ag (d)ul amach thar a bhéal, ag iarraidh a bheith 'san áit in ám."

"Níl aon-Domhnach beo, nach mbíonn m'anam ag (d)ul amach thar mo bhéal ag iarraidh breithe ar an Aifreann."

"Bhí 'anam ina bhéal aige, gur bhailigh sé anoir na Forraí Maola faitchíos a n-eir(eocth)aidhe roimhe, a's a mbasc(f)aí é.

"Sin é an chaoi 'mbíonn sé igcomhnuidhe — 'anam ina bhéal aige — go mbí chuile shórt déanta, chríochnuighthe amach."

"Bhí m'anam ag (d)ul amach thar mo bhéal, go dtáinic mé isteach abhaile."

"Má theigheann sé taobh amuigh de'n dorus 'san oidhche, bíonn a anam ag (dh)ul amach, thar a bhéal go mbí sé 'stigh arís."

"Bhí a h-anam in a béal aice le imnidhe go dtáinic Seán."

"Tá anam ar a bhois aige" = tá a chroidhe in a bhois aige" = é lionnruighthe nó scannruighthe; forrú nó deifir nó bruid air.

"Bhí anam ar (in) a bhois aige 'teacht."
"Tá m'anam in mo bhois le neart deifir, mar shíl mé go mbeadh an altóir tóigthe rómham."
"Bhí saothar ann, a's anam in a bhois aige, a' rith isteach."
"Cé'n t-ughdar go mbíonn t'anam indo bhois, mar sin igcomhnuidhe?"
"Bíonn anam in a bhois, 'chuil' oidhche ag (dh)ul abhaile, má bhíonn a' deich chlog bainte aige."

"Bhí sé rith i muinghnín a anama" = "i muinghnín a chruite" = chomh maith a's bhí sé indon.
"Bhain sé as i muinghnín 'anama go ndeacha sé abhaile" = "rith sé abhaile i muinghnín a chruite."
"Tá sé ag obair i muinghnín 'anama, go gcríochnuighe sé an cúilín siúd." = "tá bun anama (Achréidh) amuigh aige ag obair, go gcríochnuighe sé an cúilín siúd"
"Bhí sé 'cur dhe i muinghnín ghéar anama" = bhí sé cainnt chomh tapa a's bhí sé indon.
"Tá sé 'baint fhataí i muinghnín ghéar anama ar an aimsir seo."
"Leig sé leis fhéin soir a' bóthar, i muinghnín ghéar anama, a's níor facthas ó shoin é."
"Dhá gcloistheá é a' sioscadh bréag i muinghnín 'anama!"
"Bhí sé gearradh criathraigh i muinghnín ghéar anama, nuair a chonnaic mise é" = "bhí sé siubhal go scafánta ar a' gcriathrach etc.
"Tá muid a' déanamh bóthair i muinghnín a' (= ar) n-anama anois."
"Caithfe mé 'dhul a' cur amach fheamuinne i muinghnín m'anama an tseachtmhain seo chugainn."
"Níl aon chall dhuit a bheith 'coimhlinnt i muinghnín t'anama mar sin."
= a' coisidheacht go géar; forrú mór oibre bheith ort.
"Glac go réidh leat fhéin. Cé'n cabhair dhuit a bheith deifriú i muinghnín t'anama mar sin?"
"Thaosc sé an bád i muinghnín 'anama, ach bhí sí 'líonadh dhá bhuidheachas 'na dheidh sin." "Aindeoin go raibh mé 'scaradh i muinghnín m'anama, bhí sé 'cínnt orm coinneál suas leis a' sleághdóir."
"Bhí sé scríobhadh i muinghnín ghéar anama. Bhreac sé páipéar ar chuma ar bith."
"Chraith sé an t-anam ionnam" = bóthar garbh; droch-charr etc.
"Craitheadh an t-anam asam, leis a' siubhal a bhí ag a' gcarr"

Achar an anama: imbrollach an bháis; a' saothrú báis; dithbheo; beo ar éigin; na h-ualaighe a thagas roimh an mbás; a' tabhairt na gcor.

"Tá sé in achar(?) [dochar?] an anama" = ar na preaba deireannacha."

"Tá déanta le na bhás le seachtmhaine, ach ní raibh sé in achar an anama ceart críochnuighthe go dtí indiu."

"Indé tháinic a' t-árdú mór air, a's tá sé in achar an anama anois."

"Is gearr uaidh anois. Tá sé in achar an anama."

"Bhí sé in achar an anama cheana, a's tháinic sé as."

"Tá sé in achar an anama le uair a' chluig, a's tá srannán a' bháis a' teacht ann anois."

"Is minic ariamh a bhí duine in achar an anama a's a shrian sé thríd in a dheidh sin" = a tháinic sé as; a fuair sé biseach.

"Ní shárócha sé an oidhche mar tá sé in achar an anama cheana fhéin."

"Tá sé in achar an anama le scath(amh). 'Sé clochar a' bháis atá toidheacht anois ann."

"Bhí sé réasúnta indé, ach tháinic barr air, tuairim's árd-trathnóna. A' dul 'un donacht atá sé ó shoin, a's tá sé in achar an anama amach a's amach anois."

"Níor chuir siad fios ar a' sagart dó go raibh sé in achar an anama."

"Badh (sh)in é a dtráth fios a chuir ar a' dochtúr, a's an duine bocht in achar an ama!"

"Ní dhéanfa sagart ná dochtúr aon-mhaith dhó anois, arae tá sé in achar an anama, a's níl ann, ach go bhfuil sé dí-bheo."

"Bhí réidh an achar aige, cupla uair ó shoin, ach tá sé in achar an anama anois."

"Tá biseach beag air anois, aindeoin go raibh sé in achar an anama ó eadarsuth. Biseach a' bháis, is dóigh."

"Bhí sé annsiúd in achar an anama a's a tabhairt na gcor."

"Dheamhan deoch uisce 'bhéarfadh sí duit, dhá mbeitheá in achar an anama."

"Ní thóigfead sí an splannc de do chois a's bí in achar an anama."

"Níl ceathramhadh anama a' bith le fághail uaidh" = spás, cáirde, maithteannas

[Féach "ceathramhadh"]

"Ní raibh ann, ach gur caitheadh an t'anam leis" = níl ann, ach go bhfuil an t-anam ann" = "tá'n t-anam ann ar éigin" = "cuireadh a' t'anam ann ar éigin" = "níl ann, ach gur caitheadh (gur cuireadh) a' t'anam ann" = déar(f)aidhe seo le duine réidhchúiseach, beag-chainnteach, socair, sásta.

"Maidir le Seáinín, níl ann ach gur caitheadh a' t-anam leis" = tá Seáinín réidhchúiseach, socair, sásta, a's ar bheagán gleo ná cainnte.

"An duine bocht sin, is beag le gur caitheadh an t'anam leis."

"Níl, ach go mbeadh fhios agad, go bhfuil a' t'anam ann, tá sé chomh socair sin."

"Shíl mise gur conán socair é sin. Aon áit dhá bhfaca mé ariamh é, ní bheadh fhios agad, go raibh thar an anam ann, ar éigin."

"Dhá bhfeicteá i láthair comhluadair é, shílfeá nach raibh ann, ach gur cuireadh a' t'anam ann ar éigin, agus deir siad na dheidh sin, go bhfuil sé beo drochmhúinte, má bhaintear as é."

"Cuireadh a' t'anam ínnte ar éigin — sé 'raibh ann é. Ní bhfaightheá dhá fhocal cainnte uaithe oidhche fhada áirneáin."

"Nó go bhfeicfeá ag ól air, bheitheá siúráilte, nach raibh, ach a' t'anam ann. Tá sé an-tsocair ar a chéill."

"Ní chuirfe an créatúr sin caidéis ar aonduine. Ní mó ná go bhfuil an t-anam caithte leis."

"Níl cor i dTaidhgín. Chaith dia an t-anam leis ar éigin."

"Dhá mbeadh 'chuile dhuine ar a laghad urchóide a's atá Tom, bheadh a' saoghal ceart. Caitheadh a' t'anam leis. 'Sé a raibh ann é."

"Ní bheadh fhios agad go mbeadh duine 'bith sa teach, nuair a bhío(nn)s sí istigh. Chaith Dia an t-anam léithe, sin é an méid."

"Is beag a' ghleo é. Cuireadh a' t-anam ann, ar éigin."

"Maidir le Seumas, 'sé 'bhfuil ann gur chaith Dia an t-anam leis, tá sé chomh réidh sin ag imtheacht."

"Tá'n biorán sin ag (dh)ul go h-anam ionnam" = do mo ghortú, ag dul sa mbeo ionnam; a' cur péine orm.

"Chuaidh an tairnge go h-anam ionnam."

"Bhuail pian in mo thaobh mé, a's chrádh sí go h-anam mé."

"Sheas mé ar bhriogadán géar, a's chrádh sé go h-anam mé."

"Chuaidh an arraing go h-anam ionnam."

"Is cráidhte an rud iad na doightheachaí. Cuireann siad pian go h-anam ar dhuine."

"Bhuail preab in m'fhiacail mé, a's chráidh sí go h-anam mé."

"Ná bac le go beo! Chuaidh sí go h-anam ionnam."

"Má ghearrann siad sin thú, tiocfa siad go h-anam ionnad."

"Sheas sé ar mo chois thinn, a's chuir sé driog go h-anam thríom."

"Tagann driogannaí imbéal mo chléibh orm, a's teigheann siad thríom go h-anam."

"Tá fhios ag do chroidhe a's ag t'anam istigh, nach bhfuil a' gasúr sin indon a dhul a' saothrú fós" = tá fhios agad go maith etc.

"Bhí fhios agham in mo chroidhe a's in m'anam istigh, gurb é ba 'scionntaighe, ach ní raibh a chomharthaidheacht le na chois mar sin fhéin."

"Bhí fhios aice in a croidhe a's in a h-anam istigh, nach raibh aon-ghoir agamsa a dhul a' breathnú uirre, a's freastal le déanamh agham ar lán tighe de pháistí."

"Is maith atá fhios agad in do chroidhe a's in t'anam istigh, gur fada go ndéanainnse éagcóir a' bith ar do pháiste."

"Tá fhios ag do chroidhe a's ag t'anam, nach raibh láimh ná cois agamsa in do chaora a mharbhú."

"Tá fhios ag a' chroidhe a's ag anam, gur fada a bheinnse ag (dh)ul thar iothlainn, sul á mhillfinn tada innte."

"Tá fhios ag mo chroidhe a's ag m'anam, nach bhfuil fhios agam, céard dubhairt sí. Tá mé bodhar le goirid."

"Tá fhios ag mo chroidhe a's ag m'anam, má labhruigheann tú
ar Cheata amach as do bhéal aríst, go mbeidh mé gabhail
ort, chúns 'gheobhas mé aon-teas in do chraiceann."
"Tá fhios ag mo chroidhe a's ag m'anam, nach bhfuil pighinn
ruadh a' gabhail liom, le tabhairt d'aonduine."
"Tá fhios ag mo chroidhe a's ag m'anam, gur beag an
náire atá oraí(bh), má's sib a rinne sceannach de'n
arán mar sin."
"Tá fhios ag mo chroidhe a's ag m'anam, go mbadh chóra dhaoib
buille oibre eicínt a dhéana(mh) fharras a bheith sactha istigh
annsin mar atá sib."
"Tá fhios ag mo chroidhe a's ag m'anam, gur beag a' dochar
dhuit a bheith tuirseach th'éis t'aistir."
[Deirtear "tá fhios ag mo chroidhe a's ag m'anam" go
dúthrachtach faoi bhéim 'sna ráidhtí sin].

"Tá 'chroidhe a's anam sáithte sa bhfeamainn" = "tá a chroidhe
a's a anam ag dul amach thar a bhéal le sainnt sa bhfeamuinn"
= tá sé tórtha ar a bhfeamuinn.
"Tá a chroidhe a's 'anam sáithte 'san obair."
"'Sna leabhra atá a chroidhe a's a anam."
"Tá a chroidhe a's 'anam ann, a's ní féidir é 'chur dhe."
"Tá a chroidhe a's anam sa bhfoghluim."

"'Sé atá coinneál an anama ann" = dhá choinneál beo; a' tabhairt
slighe mhaireachtála dhó.
"'Sé Seán atá coinneál an anama ionnta(b) fré chéile."
"Sé'n 'dole' ata 'coinneál an anama 'sna daoine. Bheadh muid thart
dhá uireasbha." "Tá lán tighe de pháistí aice.
Is maith an dícheall di, an t-anam a choinneál ar fad ionnta(b)"
"Is mór atá sé 'cruthachtáil, a's é bheith coinneál an anama
uiliog ionnta(b)." "Níl líon léith ag Muirréad, ach léar (= de réir)
mar tá an dearbhrathair a' coinneál an anama ínnte."

"Le h-anam do mhairbh!" = deirtear seo nuair a innsigheas
duine scéal do-chreidthe, uathbhásach nó iongantach duit.
P.: "Tá Seán beag ag dul a' pósadh
M.: Le h-anam do mhairbh! a' bhfuil!"

Peige: "Tá Pádraic S. D. básuighthe
Brighid: Le h-anam do mhairbh a' bhfuil!"

"Le h-anam do mhairbh a dhearbhráithrín, ná déan" = ar son dé
a dhearbhraithrín a's ná déan é.
"Le h-anam do mhairbh, a Sheáin, ná tóig do láimh chuige!"
"Le h-anam do mhairbh anois, ná teirigh amach!"
"Le h-anam do mhairbh, ná cuir aon-araoid ar aon-
duine síos annsin."
"Le h-anam do mhairbh a mhaicín chroidhe, ná cuir
aon-cheist ar aon-duine de'n dream sin. Isteach ar thóin
a' phríosúin a chuirfidís thú."
"Le h-anam do bheo a's do mharbh, ná déan gleo a' bith
anocht."
"Le h-anam do bheo a's do mharbh, fan ó'n mbainis
sin, nó nuair árdóchas an t-ól ort, beidh tú ar
a' gceird chéadna 'mbíonn tú igcomhnuidhe."

"M'anam a dhia is do Mhuire" (do = do, ní go). Deirtear seo le osna,
le scáth, le imnidhe, le tuirse, nó le gála nó toirneach etc.
nó ar chríochnú oibre. (Le osna nó le tuirse is mó adeirtear annseo é. Sé'n duine a
leigeas an osna nó a bhfuil an tuirse air adeireas é. Deirtear freisin
é ar chríochnú oibre).
"M'anam a dhia a's do Mhuire, go bhfuil mé tuirseach."
"Ó m'anam a dhia a's do Mhuire" adéarfá nuair a chloisfeá
droch-phlump tóirnighe nó séideán mór gála.

"M'anam ag dia mara bhfuil sé ar fághail!" = dar príosta tá sé ar faghail. "M'anam ag Dia mara raibh sé in am aghad a theacht."
"M'anam ag Dia, mara bhfuil sé 'na bháistigh."
"M'anam ag Dia mara beaduidhe an mhaise dhuit é."
"M'anam ag Dia mara bhfuil Pádraicín a' caith(eamh) tobac!"
"M'anam ag Dia maran h-óg a' mhaise fós di é, a's beirt fhear curtha aice."
"M'anam ag Dia, mara bhfuil sé in a dhamhsa annseo amuigh."
"M'anam ag Dia, maran deas a' féirín a thug tú isteach chugainn!"

"M'anam ná raibh ag a' Diabhal, mara n-eirighe tú as go n-eireocha tú as agus aithmhéala ort!"
"M'anam ná raibh ag a' Diabhal, má leagann sé méirín fhliuch aríst ort, a's go mbeidh 'anam agam."
"M'anam ná raibh ag a' Diabhal, mara dteighe tú amach in éadan do ghna(ithe), a's nach bhfágfa mé cnáimh in do chorp gan bhriseadh."
"M'anamsa ag a' Diabhal go bhfuil sé in am agaibh eirghe!"
[Ní leithe duine ná leagan ar "na mionnaí móra" seo, ach, is iondamhla an chéad leagan réamhráidhte ná ceann deire i.e "M'anamsa ag a' Diabhal. Is gnáthach an ghangaide a bhaint astu, mar atá sa gceann sin "m'anam ná raibh ag a' diabhal". Sé'n cás céadna é le na ceanna seo síos].
"T'anam ná raibh ag a' diabhal, céard tá tú 'dheanamh?"
"T'anam ó'n diabhal, céard d'éirigh dhuit!"
"T'anam ó'n diabhal thú, tuige nach ndearna tú maith de do gheallamhaint, a's a theacht mar adubhairt tú!"
"T'anam ón 'dacs' a dhuine, cé'n mhoill a bhain duit?"
"T'anam ó'n 'dacs' é mar scéal, nach bhfuil a' bhróig míllte agad, leis a' bputráil sin."
"T'anam ó'n 'dacs' é mar scéal, má's leat é

dhéanamh chor a' bith, breagh nach ndéanann tú ceart é?"

"T'anam ó'n 'dacs' é, tuige ar rith tú chomh maoilscríobach sin air. Caithfear a dhul ar sin aríst do 'dhiaidh" = obair a dheanamh go leidhbeach.

"T'anam ó'n 'dacs' é mar scéal, tuige ar fhága tú 'do dhiaidh é, ar aon-nús (= nós)?"

"T'anam ó'n 'dacs' é, teara uait, mar 'dhéanfadh fear, a's ná loic (orainn) mar sin."

['Dacs', foghar fearacht 'docks' imBéarla. Focal a cuireadh isteach leis a' ngangaide a bhaint as 'Diabhal'. Féach mh'ainín i leaba m'anam. Dar fiadh in áit dar Dia agus rl.]

"T'anam cascartha ag a' diabhal — croisim aríst tú! — nach beag an náire atá ort a bheith ar a' gcainnt sin!"

"T'anam feánnta ag a' diabhal — croisim aríst thú! — céard atá tú a dhéanamh ó mhaidin?"

"T'anam róstaighthe ag a' diabhal, ó bhain tú asam é, céard a rinne tú leis a' ngasúr bocht?"

"T'anam ó'n Riabhach é, céard deir tú?"

[Achréidh é seo. Riabhach = an diabhal. Tír Riabhaiche = Ifreann "a's go mb'fhearr le Colm i dTír Riabhaiche thú, nó theacht ar ais aríst go Cáisc" — amhrán na Sean-Bhó — Colm a' Bhailís].

"T'anam ó'n Riabhach, tuige nach gcuireann tú cóir air fhairis sin!"

"T'anam ó'n Riabhach é, mar scéal, tuige nach rachthá ann, dhá mbadh le cam srón birin air é."

"A h-anam ó'n Riabhach é, ní féidir gur dhean [foghar dhion] sé sin!"

"A h'anam ó'n Riabhach é, nach ort atá an bhreathas!"

"A hanam ó'n Riabhach, ní fhéadfad sé 'bheith chomh dona sin!"

"h'anam ó'n Diabhal thú, le caoi 'bheith ort!"

"h'anam ó'n Diabhal (h'anam ó'n Riabhach)!" = adéarfadh duine le neart iongantais faoi thuairisc nó faoi scéal.

"h'anam ó'n diabhal, ar chuir!" "h'anam ó'n diabhal, a' bhfaca tú é!" (Dubhradh gur cuireadh nó gur facthas roimhe seo).

"T'anam malluighthe ag a' diabhal, mara tú tá ámhuilleach!"

"T'anam loiscthe ag a' diabhal, mara beag atá ar t'aire!"

"Dar m'anam (dar m'ainín)". = dar príosta, dar fiadh, dar mo choinsias, dar bhrigh an leabhair, dar an leabhar etc.

"Dar m'anam gur fada gur chuimhnigh tú ar a theacht!"

"Dar m'anam, gur deas an tráth eirghe anois é, ag buachaill óg."

"(D)ar m'anam fhéin, muise, mara ndéana tusa é, gur deas a' chaoi dhuit a bheith 'comórtas le do mháthair le na dhéanamh!"

"(D)ar m'anam fhéin, nach bhfuil fhios agam!"

"(D)ar m'anam!" = nuair nach gcreidfeadh duine eile rud.

"Dar m'anam a's dar m'fhocal, gurab shin í an fhírinne anois agad, gan focal uirre ná dhi."

"A mh'ainín fhéin, gur maith láidir an stócach anois é."

"A mh'ainín fhéin, nach bhfuil fhios agam, muis!"

"Is maith daor é 'mh'ainín!"

"Is breagh mór é mh'ainín!"

"Is deas a' chaoi é mh'ainín ag fear tighe a's urláir."

"A' mh'ainín gur maith mór a' mhac atá aice!"

"A mh'ainín gur maith an earra é an biadh cladaigh!"

"M'anamsa fhéin nach bhfuil!" leagan dubhshlánach le "m'anam go bhfuil" a shéanadh.

Seán: "m'anam go bhfuil sé pósta muis!"

Pádraic: "m'anamsa fhéin nach bhfuil!"

"'Deir daoine go bhfuilimse pósta, ach m'anamsa fhéin nach bhfuil." (Líne d'amhrán).

"M'anamsa fhéin nach bhfuighe tú an lampa sin!"

"M'anamsa fhéin nach ndéanfad, ná nach bhfuil cuímne 'bith fhéin agam air."

"M'anamsa fhéin nach n-iarrfad, ná dheamhan cuid d' iarraidh!"

"M'anamsa fhéin nach mbuailfead, ná dheamhan baoghal a' bith fhéin orm é bhualadh!"

"M'anamsa féin nach n-íosfad, mara bhfagha mé ánnlann eicínt leis!"

"M'anamsa fhéin, nach dtiubharfad, muis! Is beag atá ar t'aire fhéin, ach é thabhairt aníos!"

"M'anamsa fhéin muis gur beag a bheadh le déanamh agad, a dhul siar an fhad bealaigh."

"M'anamsa fhéin nach gcuirfe mise chuige ná uaidh. Agaibh fhéin atá a rogha rud a dhéanamh leis."

"Ná tabhair t'anam leis" = ná mionnuigh leis; ná mionnuigh é, ná tiomain t'anam mar sin. Déarfaidhe é, dá dtugadh duine 'anam le rud eicínt a's fios ag a' té 'bhí ag éisteacht go raibh sé éigcinnte faoi.

"Is beag a' scruball atá agad t'anam a thabhairt faoi rud fánach mar sin."

"Tá tú tabhairt t'anama leis, a's luighe na bréige ar do chuid cainnte."

"Níl aon-mhaith dhuit t'anam a thabhairt leis, mar tá'n scéal sin do-chreidthe."

"Choimrighe m'anama ort." = "mo chara a's mo choimirce ort" = tárrtháil mé; tabhair párdún nó maithteanas dom.

"Is geal atá anam 'sna Flaithis anocht (indiu etc)" = "is geal é 'anam 'sna Flaithis anois." = deirtear é seo, nuair a tráchtar ar dhuine atá básuighthe.

"Tóigeadh an Mhaighdean Mhuire suas go Flaithis idir chorp a's anam."

"Slánuigheann a' baisteadh an t-anam ó chathuighthe an diabhail."

"Ní mór dhuit a dhul (ch)uig an Aifreann le t'anam a shlánú."

"Is cuma céard is cor de'n cholainn, má fhéadann duine an t-anam a shlánú."

"Cuireadh ar a' saoghal seo thú t'anam a shlánú."

"'Ní bailtí fearanna, stoc, ná tréada a mhúineas an tslighe go Flaithis dé dhúinn ach leasú ar n'anama 'léar (de réir) mar léightear le breitheamhnas aithrighe, trosca a's déirce'" (Rafteri)

"Chuir mé paidir len 'anam" = "chuir mé anam faoi brigh na guidhe."

"Is fhearr dhúinn paidir a chuir le'n anam."

"Chuadar ar a nglúine, a's chuir siad paidir le h-anam a' mharbhtháin."

"Ní paidir a chuir sé len' anam ar maidin!" = nuair a bheadh duine ag eascainidhe.

Anduine [foghar an-uine] = duine nach ndéanfadh gar ná maith ar aon-duine

duine doithcheallach, cantalach

"'Ná cuir aon-aighneas ar pháiste, ná ar sean-duine ná

ar anduine'" (Comhairle bhíodh ag sean-daoine)

"Anduine bradach é." "Sin anduine, agus ná cuir araoid a' bith air."

"Is fhearr leigint d'anduine."

"Má chuireann tú aon-aighneas ar an anduine sin, ní moide gur

fearrde thú é go luath."

Angla, anglantás, anglánta, anglóir.

Angla = droch-(mh)úineadh; gangaide; a bheith nimheannta nó cantalach drisíneach.

[Is annamh a cloistear angla, anglántas — uair sna naoi n-áird, ach tá an t-aidiacht an-glánta agus an-glóir an-choitcheannta.].

"Is ann atá an t-olc agus a' t-angla" = tá sé gangaideach, franncuighthe, cantalach.

"Leig de do chuid uilc a's angla annseo."

"Meireach a chuid angla, leigfeadh sé thairis a' méid sin" = meireach a chuid droch-mhúineadh, ní thóigfeadh sé suas, nó ní chuirfeadh sé aon-tsuím sa gcainnt nó sa rud sin.

"Tá nimh craithte air le angla a's gangaide."

"Dhá ndéanadh angla dhó é, ní fhágfadh sé aon-duine beo sa tír."

"Ní thóigfe an dream siúd a chuid angla uaidh — is beag a' baoghal atá orra(b)!" = ní éistfe siad le na chuid droch-mhúineadh na uilc.

"Ná tarraing ort a chuid anglántais siúd, nó beidh tú in aithmhéala."

"Olc a's an-glántas uilig é"

An-glánta: "Duine anglánta é" = tá sé droch-mhúinte, cantalach.

"Tá sí chomh h-anglánta a's nach bhfuil goir ag duine 'druid' a rádh léithi"

"Sí'n ceann céadna atá anglánta, cantalach." = is bean chantalach dhroch-mhúinte í.

"B'fhearr a d'fhéadfá do bheart a tharraingt, dhá mbeitheá gan a bheith leath chomh h-anglánta."

"Tá an bhrothtuinn atá thiar ar a' mbaile sin chomh h-anglánta a's go n-íosfaidís beo beithidheach thú, ní áirmhighim a mhalrait" (Féach brothtuinn)

"Duinín anglánta go leor é, má bhaintear as é."

"Sé'n frighdeoirín de dhuine is anglánta faoi'n mbogha bán é." (Féach frighdeoirín)

"Droch rath air, marab é tá anglánta!"

"Tá'n t-athair chomh h-anglánta le na h-easógaí agus dheamhan mórán le reic ag a' gcloinn ach oiread."

Anglóir = duine an-glánta = duine beo drochmhúinte
cantalach. (Deirtear angalóir go minic — an-galóir?)

"Is anglóir críochnuighthe é." = tá sé an-droch-mhúinte agus an-
ghoinighthe 'un troda.
"Breagh nach leigeann sib de'n anglóir sin, a's gan a bheith
'baint as."
"Ní shílfeá choidhcin do'n anglóir sin a bheith chomh droch-mhúinte a's tá
sé."
"Ní mór a' t-an-glóir a cheangal le na cheannsú."
"Bíodh smideannaí beaga agad, agus ná spreog an t-anglóir
siúd."
"Ní sheasfadh aon-bhean leis an anglóir údaidh."
"Ní bhainfeadh paráiste ceart de'n anglóir" = bheadh sé ag eirghe in
a mullach, agus ag ullmhuchan scléipe chuile lá.
"Fan amach ó'n anglóir siúd má tá do leas ar dhia."

Aníos = ó íochtar, ó'n talamh, ón taobh ó dheas [féach nóta le "anuas"]
ó'n taobh ó thuaidh, ó áit i bhfad ó láthair

"Bhí mé 'teacht aníos as Gaillimh, indé, agus chas sé liom" = a' teacht anoir annseo [ach samhluighthear do'n chainnteoir gur ísle Gaillimh ná é féin, agus gur a' teacht in aghaidh aird a bhíos sé a' teacht as Gaillimh dó. An cainnteoir céadna cuirim igcás déarfadh sé go dtáinic sé anuas as Baile Átha Cliath, aindeoin gur anoir a bheadh sé a' teacht is 'chaon chás. Deirtear anuas agus aníos, le lár na h-Éireann "fear anuas nó aníos as Conndae na Midhe". Anall nó aníos as Conndae Chláir, aníos as Corcaigh, Luimneach, Ciarruidhe, nó áit ar bith ó dheas (anuas adéarfaidhe ar an Achréidh annseo). Aníos freisin as Conndae Mhuigheo, ach anuas as Dúithche Sheoigheach, aindeoin gur ab ar aon-taobh amháin atá siad. Aníos go minic, adeirtear freisin le Cúige Uladh.]
"Thug mé bord feamuinne aníos ó'n gcladach."
"Bhí mé scathamh aníos ó Ghaillimh, nuair a thosuigh sé 'dórtadh."
"Tháinic sé aníos as Luimneach, as Corcaigh, as Conndae Mhuigheo as Conndae na Midhe etc.
"Fear aníos as Íochtar Tíre é" = as Cúige Uladh [aníos adeirtear le Íochtar Tíre i gcomhnuidhe].
"Tháinic sé aníos as Íochtar Tíre in áit a bhfuair sé talamh annseo, tá fadó an lá (ann)."
"Aníos as conndae an diabhail bhuidhe é" = aníos (as) as áit eicínt strainséara.
"Is fada aníos a tháinic sé annseo" adéarfaidhe le strainséara nach mbeadh aon-ghnaoi air in áit.
"Tháinic sé aníos amach" = ó thaobh ó thuaidh na h-Éireann nó ó Íochtar Tíre go h-iondamhail, ach bheadh lár na tíre freisin igceist. (Ní abróchthaidhe é le Cúige Mumhan, nó áit ó dheas).
"Fear aníos amach é."
"Phós sí fear aníos amach; agus tá siad 'na gcomhnuidhe inGaillimh mar seo."

"Daoine aníos amach is mó atá ann."

"Tháinic sé aníos (anuas) ar ais aríst as Conndae na Midhe."

"Is fada aníos a thug do chosa tú. Ní raibh muid do d'iarraidh."

"Duine eicínt aníos as íochtar a' bhaile a bhí ann."

"Shiubhail sé aníos a' bóithrín" (ó'n taobh ó dheas, ach 'sé a mhalrait faoi shléibhte agus ar an Achréidh é).

"Bíonn sé síos agus aníos Gaillimh go h-acht a's go h-áithrid."

"Tá sé síos 's aníos chuig an gcladach ó mhaidin."

"Sin é a mhaith 's a mhaoin — ag (dh)ul síos 's aníos ar a' mbóthar."

"Cá'ide aníos a bhí tú ó ló"

"Fear i bhfad aníos é" = ibhfad ó láthair.

Aníos = as cionn talmhan nó uisce.

"Níl na fataí aníos fós." "Níl seamaide (fúinín) féir aníos ann."

"Is fada a bhío(nn)s cur óg gan teacht aníos."

"Tá'n talamh cur aníos anois" = a' fás, a' cur aníos a' bhairr.

"Níl fata aníos thrídh thalamh fós agam."

"Ní mórán aníos atá siad fós" (fataí, turnapaí, coirce etc).

"Níl féar a' bith a' teacht aníos ann" = a' fás.

"'Bhfuil na turnapaí aníos fós agad?"

"Loiceadh a rinne siad, agus gan iad a bheith aníos feasta." = (fataí etc)

"Níl cosamhlacht aníos a' bith orra" = cosamhlacht fáis.

"Bhí siad aníos thrídh thalamh, marach an glasrú (= glasreodh) seaca sin a dhógh a mhullaighe."

"Bhí an mullán aníos ar éigin" = a barr le feiceal as cionn uisce.

"Tá gob an bhrann(t)ra aníos indiu" = leis, le feiceál.

"Tá cloigeann a' róin aníos" = leis.

"Bíonn a chloigeann aníos igcomhnuidhe ag an rón" = "bíonn cloigeann aníos ar an rón igcomhnuidhe." = bíonn a cheann leis.

"Cineál chloigeann aníos" = sin forainm a tugtar ar chloinn (Mh)ac Confhaola, a' déanamh amach go bhfuil gaol nó dáimh aca(b) leis a' rón.

"De chineál chloigeann aníos é" = de Chloinn (Mh)ac Confhaola é.

"A chineal chloigeann aníos!"

"Is fhearr mé ná de do chineál-sa — a chineál chloigeann aníos."

"Ní de chineál chloigeann aníos mise chor a' bith, ní hé t'fhearacht fhéin é."

"Tá 'chuile dhream go maith ach cineál chloigeann aníos."

"Ní mise cine chloigeann aníos chor ar bith"

"Níl gaol ná dáimh agamsa le cine chloigeann aníos"

"Bhí sé 'cur uisce glas aníos" = aníos as a bholg nó as béal a chléibh

"Chuir sé réama (crochaillí, fuil etc.) aníos."

"Chuir mé an bheatha aníos aríst" = tháinic urlacan orm.

"Níl goir agam aon cheo (biadh) a leigean síos, nach gcuirfe mé aníos aríst."

"Tá brúchtaoighil aníos orm as béal mó chléibh."

"Má ithim é sin, cuirfe mo ghoile aníos aríst é."

"Tá mé strumptha go corróig aníos"

"Fliuchadh mé aníos go glúine."

"Bhí an tuile aníos go dtí mo lár."

"Thug sí an crann aníos ó talamh íochtair."

"Tharraing sé an crann as na fréimhreachaí aníos."

"Bhain sé ó leic aníos é."

"Tá sé romhruighthe aige ó'n ngaine(amh) aníos."

"Tóg an pota aníos de'n teine."

"Teara aníos ó'n teine"

"Coinnigh aníos ó'n teine, nó's dóighte 'bheidheas tú."

Aníos = mar bhriathar [féach anuas]

"Aníos leis an bóithrín", "aníosaigidh (aníosaighidh) lib ó'n teine."

"Aníos leat as sin go beo, deifreach"

Ánlacan: = sean-chill, roillig: roinnt uaigheann le chéile [burial plot]

"Tá ánlacan mór ar Chnoc Leitir Caocháin" = cineál sean-chille;
áit a mbeadh daoine curtha ó'n tsean-aimsir.
"Deir siad gur fathachaí (fathaigh) atá curtha 'san ánlacan atá
ann" = deirtear [is iondamhail "deir siad" i leaba deirtear i gCois-Fhairrge
agus an fheidhm cheanann chéadna leis]
"Ná bain leis an ánlacan sin, nó ní móide gur fearrde thú
é" = comhairle ar dhuine a raibh sé de rún aige ánlacan a chartadh amach.
Ánlacan = anlacan [a fada i gConamara go h-iondamhail i
bhfocla de'n tsórt seo go h-áithrid roimh n, nn, r, l, nó ll i.e
ceánn, meáll, leánn etc) = adhnlacan

An-mhéid = toirt nó téagar aidhbhéil.

"Chuaidh sé san an-mhéid ó chonnaic mé go deireannach é."

"Tá sé san an-mhéid ceart críochnuighthe anois."

"Tá na cnuic amach ar a' taobh ó thuaidh de Chonamara san an-mhéid."

"An teach atá aige, tá sé san an-mhéid."

"Is gearr, má mhaireann dó, go mbí an mac siúd aige san an-mhéid."

"Tá chuile mhac a' gabhail leis 'san an-mhéid."

Anna — seal gearr (trí nó ceathair de laetheantaí nó seachtmhain) deagh aimsire nó trioma(igh) sa ngeimhreadh, nó in am, nach mbeadh aon-tsúil le deagh-aimsir.

Tráchtar ar dhá anna sa mbliadhain: anna na Féile Míchil, agus anna beag na Samhna, nó anna na Féile Mártan. [Anna na bhfóthannán a tugtar freisin ar anna na Féile Míchil]

Indeire mí Mheodhain an Fhoghmair a thagas anna na Féile Míchil, agus faoi Shamhain nó am a' bith go dtí lár na Samhna a bhíos anna na Samhna nó na Féile Mártan ann.

"Ar anna na Féile Míchil a thriomuigheadh Páidín Á. a chuid móna fadó. 'Triomócha sí ar anna na Féile Míchil' adeireadh sé i gcomhnuidhe'"

"Níl aon-mhaith dhá mhoill mar deir a' fear a chuaidh a' baint na móna ar anna na Féile Míchil" (sin sórt leath-fhocal, le cur igcéill gur ceart crudh a chuir ar thosach an cheann-oibre sin). "Mara dtriomuighe sé (i. an féar) anois, triomócha anna beag na Samhna é."

"Tiubhra sé anna trioma(igh) uaidh anois b'fhéidir." = cupla lá breagh.

"Dhá dtugadh sé anna trioma(igh) uaidh anois, go dteighinn cupla lá ar a' bportach, ba mhór ab fhiú dhom é."

"Is iondamhail go dtugann sé anna trioma(igh) uaidh an tráth seo bhliadhain igcomhnuidhe."

"Tháinic anna breagh faoi Fhéil' Mártan, a's bhain mé a raibh d'fhataí ingarraidhe an tobair"

"Má's leat é a chuir ar an méir is fuide (féar a shábhail) fág go dtí anna na Féile Michil é" = dubhradh le fonóid é le duine díomhaoineach nach raibh a' shábháil a chuid féir, ach a' déanamh leithscéalachaí a's dhá leigean thairis ó lá go lá.

"Beidh anna beag na Samhna a' breith isteach orainn lá ar bith feasta"

"Tiubharfa sé cupla lá trioma(igh) uaidh ar anna beag na Féile Mártan."

"Ní thriomócha an féar ar anna na Féile Míchil. Is beag a' baoghal atá air, mar bíonn a' ghrian ro-mhaoluighthe sa spéir a' t-am sin, agus a' teas imthighthe aisti."

"Tugann sé anna trioma(igh) uaidh, taca na Féile Mártan chuile bhliadhain" = bíonn seal trioma(igh) ann.

"Is gearr gur ceart dó anna trioma(igh) a thabhairt uaidh anois, maran leis leanacht do'n fhliuchán go deo" (déarfaidhe seo am ar bith de'n bhliadhain).

"Thug sé anna breagh uaidh an bhliadhain chéadna faoi Shamhain, agus bhí daoine suas ar phortaigh a' bailiú a's a' tóigeál (= tógáil) mhóna."

"Is beag bliadhain nach dtagann anna breagh imbéal na Samhna."

"Ní hé nádúr na h-uaire, go dtiubharfadh sé anna breagh uaidh an tráth seo 'bhliadhain — agus é lár a' gheimhridh thall."

"Má thagann anna beag na Samhna mar thaga(nn)s 'chuile bhliadhain, beidh congnamh maith againn orra(b) an tseachtmhain seo chugainn."

"B'fhéidir le Dia go bhfeabhsóchadh an uair anois, a's go dtiubhradh sé anna trioma(igh) uaidh."

"Bhí sé 'n-am ag anna breagh 'theacht th'éis na h-uaire móire, bhí ann le mí."

An-shógh = dochamhal, amhgar, anró, ciréim, éalang,
ocras. Priaclacht, imnidhe.

(i) Anshógh = imnidhe nó priaclacht, beo-phianadh
"Tá sé in ansógh go dtaga sí" = tá sé in imnidhe nó
priaclach go dtaga sí.
"Ní rabh fhios agam cé'n t-anshógh a bhí air, gur chuala mé go raibh an
mac imthighthe.
"Anshógh agus imnidhe atá air, chuile lá san aer." = bíonn sé i
gcomhnuidhe priaclach
"Is ort atá'n t-an-shógh fúithe" = is ort atá an imnidhe fúithe.
"Ní call duit a leath-oiread an-shógh a bheith ort fúithe: nuair a
bheidheas sí réidh tiocfa sí."
"Ná bí in an-shógh leath chomh mór faoi'n ngasúr: tá sé in
aoinfheacht le na gasúir eile."
"Fear in an-shógh a bhí ann, go gcloiseadh sé céard a bhí ar
siubhal aréir" = bhí fonn air a chloisteáil céard a bhí
ar siubhal aréir.
"Má's sin é an t-an-shógh ata air, beidh sé air, scathamh
eile de m'uireasbha-sa" = má's caidéis atá ag dul
dó, nó cheal scéalta nó eoluis, ní innseocha mise tada
dhó.

"Bhí fhios agam go raibh sé in an-shógh, go mbeadh fhios aige
cá rabh muid"
"Fág in an-shógh anois é: ná h-innis a dhath dhó."
"Nach air atá an t-anshógh: is mór a theastuighea(nn)s
fios uaidh"
[Is na leaganachaí tuais-luaidhte, idteannta imnidhe
agus priaclacht, bíonn an chiall "beo-phianadh" le anshógh: Is
minicí mar aidiacht é, ná mar ainm-fhocal ar an gcaoi
seo]
"Bhí sé in an-shógh go mbeadh 'chuile scéal aige" = bhí sé priaclach,
ar bís, nó dhá bheo-phianadh, go bhfaghadh sé fios.
"Anshógh scéalta atá air" = imnidhe nó bís go bhfagha sé eolus.
"Is fada an t-an-shógh sin, ar sin. Ní bheidh luach-leithpighne in
do theach ingan-fhios dó."
"Anshógh an tsaoghail a d'fhága mar sin é" = imnidhe agus cúram an
tsaoghail; imnidhe faoi'n saoghal.

(ii) An-shógh = amhgar, ocras, docamhal.
"Fuair sé an-shógh" = fuair sé ángar [amhgar — ach is ángar adeir-
tear] nó ocras.
"Tá sé fághail anshógha agus ocrais"
"An t-ángar a's a' t-an-shógh a chleacht sé chuile lá ariamh"
= ní bhíodh a sháith le n-ithe aige ariamh.

"Is mór a baineadh as a chleachta é. Anois tá sé ar an-shógh" = "'sé a chonnaic an dá shaoghal: chleacht sé fuighleach, ach anois, tá sé ar a mhaltraid."

"A' scríobadh leis an anshógh, 's a' cur stuaim ar a' nganntan atá sé ariamh" = bhí sé imbéal na gortan ariamh, agus b'éigean do tíoghbhus agus barainn a dhéanamh, agus an méid a bhíodh le n-ithe aige, a chuir chomh fada in Éirinn agus d'fhéadfadh sé.

"Cailleadh é le an-shógh" = cailleadh é leis an ocras.

"Ní fhaca sé aon-lá de'n anshógh ariamh, go dtí anois fhéin" = chleacht sé fuighleach ariamh go dtí an saoghal seo fhéin.

"Fear anshógha anois é, go bhfiacha ('bhféacha) Dia air!" = fear ocrais é.

"Sé'n t-an-shógh a thug bás dó"

"Sé'n t-anshógh an buachaill!" = sé'n t-anshógh atá indon duine a lagadh. [Tabhair faoi deara gur buachaill adeirtear le an-shógh, ach cailín le imnidhe]

"Cá'ide an t-an-shógh air?" = cá'ide ar a' ngánn-chuid, nó a' faghail ocrais é.

"Ná leig aon-an-shógh ort fhéin chúns bheidheas tú as baile" = ná déan aon-leath-chuma ort fhéin; ná dean droch-oineach ort fhéin; ná fagh ocras ná docamhal.

"Fuair tú amach é — a' té a leigfeadh anshógh air fhéin" = tá tú 'g (dh)ul amudha faoi'n duine sin — ní bhfuigheadh sé sin aon-ocras, mar is soláthruidhe nó fáitcheallach maith é, agus tá éadan aige.

"Is beag a' baoghal air siúd, aon-anshógh a leigean air fhéin, chúns a bheadh tada le goid ná le fuadach."

"Dhá bhfaghadh sé le goid ná le fuadach é, ní bheadh aon an-shógh air."

"Sin é an t-anshógh eile air sin" = níl aon-anshógh ná ángar air.

"Dheamhan an-shógh air siúd, ná cuid d'anshógh"

"Badh cheart dó cleachta mhaith a bheith aige ar an an-shógh, a's a liachtaighe uair ab éigean dó a dhul ' chodladh in a throscadh."

"Níor cheart go mbeadh suím a' bith aige 'san an-shógh; tá'n chleachta mhór aige air anois."

"Is mór a' tóir atá ag an an-shógh ar a' mbaile céadna fharrus baile a' bith eile sa tír."

"Tá lucht an-shógha a' saothrú an tsaoghail anois" = níl aon-duine ná aon-cheo le fóirithint a dhéanamh orra(b).

"Deir siad go bhfuil go leor lucht an-shógha (go bhfuil go leor ar an-shógh) imBaile Átha Cliath."

"As an anshógh a fáisceadh a leath sin" = ní bhfuaireadar ariamh ná a muínntear rompa(b) ach ocras agus ángar.

"Ní fhaca muid ariamh acab ach anshógh agus ocras"

Seán: cé'n t-an-shógh atá ort anois

Pádraic = tá, anshógh an ocrais.

"'Is cuma le bolg lán, céard a dhéanfas anshógh an ocrais'" = "ní miste le subhach sáthach, céard a dhéanfas an-shógh an ocrais. = is beag ag a' sáthach a' seang. (sean-fhocla)

"Dheamhan a' miste leis sin faoi anshógh daoine eile
an fhad's tá rud aige féin."
"Is beag ag na buic sin anshógh na mbocht."
"Deirimse an-shógh leat, ach's i mBaile Átha Cliath
atá an t-anshógh." = bí a' cainnt ar ocras, ach is
imBaile Átha Cliath atá an t-ocras agus an ganntan.
"Is geárr (geáll) le duine é, a bheadh a' faghail anshógha (a bheadh
ar an-shógh)" = is cosamhail le duine é, nach bhfuigheadh
a dhíol le n-ithe.
"Tá sé fághail an-shógh ó tháinic leas-mháthair air" = ó rinne
an t-athair an pósadh in ath-uair, tá'n leas-mháthair
a' caitheamh droch-cheánn leis.
"Tá sé fághail an-shógh agus tá a shéala air (is furas aithne air é;
tá a chomhairthidheacht le na chois, tá a shliocht air;)"
= tá sé claoidhte, snuighte, suaidhte ó ocras.
"Tá'n bhail sin air ó anshógh (le an-shógh, de barr anshógha,
in geall ar an-shógha).
"Tiubharfa an t-airgead a fuair sé as Ameriocá ó anshógh
é" (deirtear freisin uaidh in áit ó go minic inGaillimh i.e.
d'imthigh sí uaidh na fear.).
"Tá sé as anshógh anois, ó fuair sé an méid sin fóirithine."
= tá sé réidh leis an an-shógh; ní bheidh an-shógh air níos
mó.
"Sí'n udhachta 'thug as anshógh é."

"Chaith sé fada go leor sa (faoi) n-anshógh, ach tá sé aisti anois. Conách sin air. 'Is fhearr eirghe as ná tuitim ann'."

"Faoi an-shógh atá sé ó'n lá a rugadh é, ní dhá roinnt leis é."

"Faoi anshógh a's faoi ocras atá sé ariamh"

"Má tá maith sa'n an-shógh, shaothruigh muid (fuair muid) a' (= ar gceart di, ní a' ceasacht ar dhia é."

"Ní bheidh an-shógh a' bith air sin, deirimse leat" = ní bhfuighe sé ocras ná ángar a' bith, mar is togha fáiteallaigh é.

"Is mise a thóig as an an-shógh é, agus sin é mo bhuidheachas anois" = déarfadh duine seo, nuair a déarfadh nó a dhéanfadh duine eile rud eicínt in t'aghaidh nar chumaoin dó

"Is mé a choinnigh as an an-shógh ariamh iad, ní dhá bhuidheachtáil orrab é, agus is beag a bhreathnóchaidís siar orm anois" = is mé a thug rud le n-ithe dóibh ariamh, agus nílim ina dhiaidh orra, ach ní chuimhneochaidís orm anois, agus rud aca fhéin.

"Rinne mé tárrtháil air, nuair a bhí sé 'san an-shógh, agus is beag

a mheas orm anois."

"Cuirfe an cupla punt adeirigh leis an t-anshógh thairis" = beidh riar a' cháis aige 'sna cupla punt a fuair sé.

"Dhá mbeinnse a' faghail an-shógha, dheamhan a dhath scrubaill a bheadh orm, rud a ghoid" = dhá mbeinn a' faghail ocrais, ní bheadh aon-charghaos orm rud a ghoid.

"Tá marbhú duine ar fhear anshógha" = duine a bhfuil ocras air, is beag aige duine a mharbhú, le beatha a fhaghail.

"Is beag ag a' té atá in anshógh, do-ní a dhéanamh" = ní bhíonn aon-scrúball ná aon-charghaos ar fhear ocrais, doibeart ná droch-ghníomh a dheanamh.

"Ní milleán a' bith air é, lá's go raibh sé fághail an-shógha."

Anshógh a dheanamh ort fhéin = troisceadh; gan biadh a ithe; céadlacan fada a dhéanamh, 'déanamh d'uireasbha bidh. Déarfaidhe freisin é, le duine a dhéanfadh éagcóir ar bith ar a chorp, cuirimigcás gan ingne a chos a bhearradh, go mbeidís ag ithe isteach sa bhfeoil, gan léine ghlan a chuir air fhéin, gan leaba shocamhlach a bheith aige etc.

An-shógh a dhéanamh ar dhuine eile = gan beatha a thabhairt dó etc.

"Rinne tú anshógh ort fhéin" = "thug tú anshógh duit fhéin" = "rinne tú éagcóir ort féin" = "leig tú do bhéilí thar am"

"Is fear é atá déanamh anshógha air, féin, nó tá mise ag (dh)ul amudha go mór."

"Is túisce a dhéanfadh sé an-shógh air féin (is túisce a leigfeadh sé an-shógha air fhéin; is túisce a thiubharfadh sé an-shógh dó féin) ná scarfadh sé le pighinn (ná leigfeadh an phéisteántacht, a' cneagaireacht, an crádhas croidhe, an carghaos etc dó, pighinn a chaitheamh) = throiscfeadh sé, sul a gcaithfeadh sé aon-phighinn.

"Is beag aige an-shógh a dhéanamh air féin" = ní chuireann sé suim ar bith idtroisceadh nó déanamh d'uireasbha bidh.

"B'fhearr leis an-shógh a dhéanamh air féin, ná teang(mh)achtáil leis a' sparán."

"Is caillte an chaoi de dhuine an-shógh a dheanamh air fhéin, scáth an beagán a chaithtear ar bheatha."

"Déanadh sé an-shógh air fhéin má's breagh leis é! Is fearr leis a' bóithreoireacht ná 'theacht abhaile aigeán a bhéilí."

"Rinne sé an-shógh air fhéin, leisce scaradh le pighinn de, agus tá daoine eile a' tabhairt gaoithe dhó 'na dhiaidh" = bhí carghaos ar fhéin pighinn a chaitheamh, go fiú's ar bheatha agus é beo, agus anois tá daoine eile dhá chaitheamh go frasach th'éis a bháis.

"Rinne seisean an-shógh air fhéin a' déanamh airgid, agus tá a shógh ag daoine eile anois" = fuair seisean ocras a' soláthar airgid, agus tá ságh an tsoláthair sin ag daoine eile anois.

"Is maith an aghaidh air a' bhail atá air — fear a' bith a rinne anshógh air fhéin agus ar a chláinn le sainnt san airgead."

"Níl aon-duine ariamh dhá ndearna an-shógh air fhéin agus rud aige, nach gcaith(f)idhe a chuid go spóirteamhail ina dhiaidh."

"Ba bheag aige an-shógh a dhéanamh air féin, agus feacha (féacha) a chlann anois imthighthe 'un dreabhláis." = ní itheadh seisean a leath-dhóthain, le sainnt agus antlás, agus anois tá a chlann rabairneach, frasach, agus tugtha do'n ól.

"Ní díol truaighe 'bith duine a dhéanfas an-shógh air fhéin agus rud aige."

"Níor orduigh dia do dhuine anshógh a dhéanamh air fhéin" (cineál leath-fhocal a bhíos de leithscéal ag lucht rabairne, nó daoine a bhíos mór-thráthach.)

"Sin é an ceann céadna nach ndéanfadh aon-anshógh air féin."

"Is mór an náire dhuit an-shógh a dheanamh ort fhéin mar sin, nach gcuirfeadh léine ghlan ort féin."

"Bhí tú a' deanamh an-shogha ort fhéin ag obair, agus an bhail sin a bheith ar do chois."

"Bhí tú 'déanamh anshógha ar do chois, nar bhearr tú na h-ingne sin."

"Rinne tú anshógh ort féin a bheith a' siubhal agus thú chomh cróilighe sin."

"Ba bheag a' dochar duit anshógh a dhéanamh ort fhéin, ag tógáil meadhchan mar sin" = ní iongantas a' bith gur bhain tú stangadh asad fhéin (gur ghortuigh tú thú féin) a' crochadh meadhchan.

"Is suarach an t-íongnadh é 'déanamh anshógh air fhéin agus é ar a táirm ó mhaidin go faoithin" = ní dhearna sé aon-chomhnuidhe ach a' obair leis ó mhaidin go faoithin, agus ní iongnadh 'bith mar sin, gur ghortuigh sé féin, nó gur oibrigh sé é féin thar a spreacadh.

"Rinne sé an-shógh air fhéin ag iomchur ualaighe" = bhain sé stangadh as fhéin, nó ghortuigh sé é fhéin.

"Níorbh bheag dó a raibh d'an-shógh air cheana, agus gan tuille anshógh a dheanamh air fhéin" = bhí sé sáthach dona cheana le éalang (sin nó bhí an saoghal a' gabhail dhá maidí air) agus gan é fhéin a bheith in a chionn-tsiocair le tuille a chuir air fhéin.

"Ní raibh call a' bith dhó an-shógh a dheanamh ar fhéin" =
níor chall dó é fhéin a ghortú, nó ocras a thabhairt dó féin.
"B'éigean di an-shógh a dheanamh uirre fhéin, le greím a
choinneál le na cuid páistí."
"Déanfa sí anshógh go maith ar a' gcailín, ach 's beag an
luath aice an-shógh a dhéanamh uirre fhéin" = tá sí a' tabhairt
ocrais do'n chailín, ach níl sí a' tabhairt aon-ocras di fhéin.
"An té a dhéanfas an-shógh air fhéin, as crádhas croidhe, ní mórán
truaighe é." = an té a thiubhras ocras dó fhéin, le
carghaos a chuid a chaitheamh, ní truaighe 'bith é.
"'A chúim chuit ar anshógh a mb'ainm dó géar-call
nó a bhriongláin dé ghéagán a thuitfeadh de chrann'"
[Sliocht as amhrán le Colm a' Bhailís — "An Ceannaidhe".
Sin ceann de na samhaileanna a thug sé dhó com cuit a
gheobhfadh ocras]
[Tá sé in anshógh, tá sé faoi anshógh, tá sé ag fághail anshógha,
tá sé ar anshógh — baineann siad sin le ocras nó
docamhail. Tá anshógh air — sin éalaing, nó ciréim chuirp]

Anshógh = (ii) éalang, ciréim,

"Tá anshógh eicínt ar a chois" = tá éalang ar a chois; níl úsáide a choise mar is ceart aige.

"D'eirigh anshógh dó, in a ghasúr, agus tá úsáide a láimhe caillte ó shoin aige" = tá éalang air ó bhí sé in a ghasúr, agus níl mórán srachta sa láimh aige ó shoin.

"Cá'il a' t-an-shógh air?" = cá'il a' t-éalang air"

"Tá anshógh a's éalang ar a' duine bocht, agus ní beag dó a dhonacht" = tá sé sáthach dona ag an gciréim atá air.

"Ní beag dhó a bhfuil d'anshógh air — úsáide a láimhe cáillte le na ló aige"

"Cá'r eirigh an t-an-shógh dhó?" = cá bhfuair sé an gortú? Cá'r donuigheadh é?

"Tá an-shógh air le na ló" = beidh éalang air an fhad's mhairfeas sé.

"Ar thug sé an t-anshógh as bruínn leis?" = a' raibh an t-éalang air, nuair a rugadh é.

"Isteach annseo, faoi na chorróig, slán a' tsamhail, atá an t-anshógh air."

"Níor chás dó é 'bheith taobh le an-shógh, faoi nar marbhuigheadh

uilig é."

"Is bocht a' t-anshógh atá air" = "is bocht é 'anshógh." = droch an-shógh é; an-shógh caillte é; droch-éalang é.

"Níl fhios ag duine ar bith cá'il anshógh an duine eile?" = ní bhíonn (fhio)s ag aon-duine cá'il a' t-éalang ar a' duine eile (nó cá luigheann a' bróig air).

"A anshógh fhéin a bhío(nn)s a' déanamh imnidhe de chuile dhuine." ['Sna trí shompla dheireannacha seo, ní móide gur éalang ná cithréim a bheadh i gceist. Déarfaidhe é le rud a' bith a ghoillfeadh ar dhuine].

"Thiocfadh sé ó'n anshógh, marach a' tinneas a bhuail é" = ní hé an t-éalang a bhí air a thug aon-bhás dó, ach tinneas eile a bhuail é."

"Tá sé in an-chaoi ag an an-shógh atá air" = fágann a' t-anshógh in ainriocht é.

"Tinneas mo bhuilg a' t-anshógh atá orm, agus ní measa an-shógh eile."

"Ní chuirfe an méid sin anshógha aon-cheo as go deo dhó" = an t-éalang atá air, ní chuirfe sé siar tada é in a ghnotha ná in a chuid oibre.

"Ní chuir(f)idhe le táilliúracht é, marach anshógh a bheith air."

"Dhá laghad anshógh dhá bhfuil air, is mór atá sé a mhilleadh faoi.

"Ágrócha dia air é, a láimh a thógáil ag créatúr a raibh an-shógh air" = bainfe Dia sásamh dhe, faoi rádh's fear éalannach a bhualadh; foillseocha Dia é féin air, faoi dhul a' fiacha ar fhear cithréimeach.

"Is air atá 'chuile anshógh má's fíor dó fhéin" = tá criotán a's cithréim a's éalang a's 'chaon tsórt air, agus bíonn sé i gcomhnuidhe a' casaoid a's a' fuasaoid.

"Tá chuile anshógh air, dhá raibh ar aon-fhear ariamh."

"Tá anshógh air nach bhfuil a leigheas agamsa" — déarfá é cuirimigcás le duine a mbeadh tart nó fonn óil air, agus gan aon-deis agad deoch a fhaghail dó, nó a shamhail.

"Anshógh mná atá air" = uireasbha mná; ragús nó rachmall mná.

"Níl de leigheas ar t'anshógh, ach pósadh" = déarfaí le duine é a mbeadh rachmall mná nó pósta air.

"Níorbh bheag dhó a raibh d'anshógh air, agus gan tuille a theacht air" = duine a bheadh in ainriocht cheana, agus a dtiocfadh rud eicínt eile treasna air.

"Is beag aige siúd anshógh na comhursan" = ní chuireann éalang ná ainriocht na comhursan, aon-bhuaic ná aon-imnidhe air; is furasta leis codladh ar chneadha duine eile.

"Sé'n feall a bhfuil d'anshógh uirre, arae ba bhreagh an bhean í."

"Is beag í a dhíol oibre, agus shílfeá nach le na bhfuil d'an-shógh air é."

"Tá'n chois a bhfuil a' t-an-shógh uirre ag (dh)uil roimhe i gcomhnuidhe" = an chois éalannach atá aige, ní fhéadann sé aon-cheart a bhaint di, amanntaí.

"Dhá mbeadh an-shógh air, faoi chéad, shílfeá nach taobh leis an oiread sin oibre a dhéanamh 'bheadh sé."

"Níl déantús maitheasa 'bith ann, marab é an t-anshógh atá air, atá dhá dhéanamh dhó" = níl aon-rath ag obair leis, marab é, an t-éalang atá air, is cionntaighe leis.

"'Sé is fearr a' bith agus a' bhfuil d'anshógh air."

"Bhí an-shógh ar 'chuile duine de'n dream sin, ní dhá roinnt leo(b) é."

"Tá'n láimh a' bhfuil a' t-anshógh uirre as cumraidheacht ar fad, ní a' faghail loicht ar ghna(ithe) Dé é!"

"Cá'ide an t-anshógh air."

"Is mór a' mío-shlacht air, an t-anshógh sin, dhá laghad é." = is mór atá an t-éalang atá air — dhá laghad é — dhá chuir as a shlacht.

"Níorbh fhiú dhom a dhul a' fiacha air, agus a' t-anshógh atá air" = níorbh fhiú dom mo láimh a thógáil aige, faoi rádh's éalang a bheith air.

"Go dtuga dia fóirithint (nó fuascailt) do 'chuile chréatúr
a bhfuil anshógh air!" = déarfaí é ag altú an bídh
oidhche chinn bhliadhna, nó nuair a bheithí a' cású
donachta le duine nó a shamhail.
"Chuile dhuine agus anshógh féin!" = chuile duine agus éalang féin;
chuile duine agus a chúrsaí féin a' déanamh imnidhe dhó.
Déarfaidhe seo, nuair a labhar(f)aí ar dhuine eicínt
a' bhí casaoid, nó a raibh dlighteanas eicínt a' teacht
treasna air, a gcaithfeadh sé freastal dó.
"Ní bhíonn duine ar bith gan an-shógh féin" = bíonn
ughdar casaoide eicínt ag chuile duine; ní bhíonn
duine a' bith gan imnidhe eicínt a bheith air.
"Cá'il a' té atá gan an-shógh féin."
"Fág le m'anshógh fhéin mé" adéarfadh duine le duine a bheadh
a' spochadh as, nó 'cur chaidéis' air, nó in éadan.
"Fág le na n-anshógh féin iad" = ná cuir araoid ná
caidéis ar bith orra; tá a sáith imnidhe agus lear orra fhéin
cheana, agus ná bac thusa leo(b).
"Ba chóra duit é fhágáil len anshógh féin, agus gan ceist a'
bith a chuir air" [ceist = caidéis = araoid = cur isteach ná amach]

"Is mairg dhuit nár fhága le'n an-shógh féin é." = ba cheart
duit gan cuir chuige ná uaidh.
"Mo chomhairle dhuit é 'fhágáil len anshógh fhéin."
"'gcuire dia an rath (an t-ádh) ort, agus fág i m'anshógh féin mé."
"Diadhachta dhuit nár fhága le'n an-shógh féin é" = bhí agad
gan araoid a' bith a chuir air.
"'Fágfa mé le na n-anshógh féin sib', adeir Céadtach le
na h-amhuis" — [rádh as Scéal Fiannuidheachta — "Céadtach
Mhag Fhinn, Rí Éireann"]

An-shóighteach = priaclach, imnidheach, casaoideach, fuasaoideach
[Ní bhíonn ciall ocrach leis mar aidiacht igConamara]
[Féach "imnidhe"]

"'Sí bhí an-shóighteach go dtáinic sé" = bhí sí priaclach, imnidheach.
"Ní fhaca mé aon-dhuine ariamh a bhí chomh h-imnidheach
an-shóighteach léithe."
"Is diabhaltaidhe an-shóighteach í, scáth an t-achar atá sé
amuigh."
"Tá sí an-an-shóighteach agus gan fhios cé'n fáth."

An-shóighteach = casaoideach, fuasaoideach.

"Tá tú dubh-an-shóighteach chuile oidhche sa mbliadhain" = déarfaí le páiste é 'mbeadh sé 'cínnt ort a bhréagadh agus a' bheadh a' fuasaoid tinnis a's donachta.

"Tá sí an-shóighteach mar sin chuile lá ariamh"

"Neart peatuidheachta atá air. Marach gurab eadh, ní bheadh sé chomh h-anshóighteach a's tá sé" (páiste a bhíos a' gol a's a' casaoid)

"Ní bheadh sé chomh h-anshóighteach sin, deirimse leat, dá roínntí an tslat leis" = dhá dtugtaí an tslat dó, (dhá mbuailtí é) d'eireochadh sé as a' gcantal a's as a' bpeatuidheacht.

"Nach beag a' luath agad a bheith chomh h-anshóighteach sin 'chuile uair eile. Ní thiocfa táirm a' bith ort go dtaga duine isteach" = is beag a' baoghal a bheith ar an amhlóireacht sin nuair a bhío(nn)s a' teach fúinn féin againn. Ní thoiseocha tú i gceart go dteaga duine eicínt isteach.

"Dhá mbeadh gasúr chomh h-anshóighteach sin agamsa, bheadh scéal aige air" = dhá mbeadh duine de mo chlainn-sa cantalach drisíneach mar sin, mhúinfinnse é (bheadh rud ar a shon aige; gheobhadh sé rud ar a shon; gheobhadh sé luach

a chuid chantail; roínn(f)í an tslat leis etc).

"Ní chloisfeá méir igcluais aige, bhí sé chomh h-anshóighteach sin"

"Níl aon-lá ariamh nach bhfuil sí an-shóighteach, agus is beag a' clóic

atá uirre in a dheidh sin" = bíonn sí fuasaoid i

gcomhnuidhe ariamh, agus is maith an mhaise dhi é, ina dheidh

sin.

"Dhá mbeadh sí chomh h-anshóighteach sin agamsa, a chead sin

a bheith aice" = ní thiubhrainn aon-áird ar a cuid

casaoide.

"Tá mé reicithe aige, tá sé chomh h-anshóighteach sin"

Déarfadh máthair le páiste é = tá mé shíos a' talamh aige,

tá sé chomh casaoideach sin.

"Níl sé chomh h-an-shóighteach le na leigean amach" = níl sé chomh

dona agus a leigea(nn)s sé air fhéin.

"Creidim gur éanacha beannuighthe as ríoghacht m'athar féin a's mo mháthar

sibse, ag tigheacht le cabhair agus ar cuairt chugamsa anocht nuair a chonnaic

sibh an t-anshógh orm (Loinnir Mac Leabhair — l. 130) = ocras, angar, cruadh-chás.

"Ní leigfe mise anshógh a' bith ort" = gheobhfa tú do sháith len' ithe agus le'n ól

uaim, agus beidh tú ar do sháimhín sógha ar chuile chaoi.

"Níor leig mise anshógh a' bith ar a' gclainn sin, an fhad's d'fhanadar agam."

An-talás (an-tlás?) = ampla = sainnt sa saol = uathbhás oibre nó cráidhte indiaidh an airgid, nó uathbhás agus deifir ag ithe (C. F.)

"Marach an an-tlás a bheith ann, ní bheadh an oiread sin cuthach oibre air" = marach é bheith amplúdhach nó uathbhásach (ch)uig an saoghal, ní bheadh fíbín oibre air mar tá.
"As corp an-tláis (le teann antláis, le neart an-tláis etc) a chuaidh sé ar an bportach leithide an lae indiu" = "marach uathbhás oibre a bheith air, ní thiocfadh sé 'na portaigh lá chomh mór (chomh deannachtach) leis an lá indiu."
"An-tlás ar fad é" = tá sé an-amplúdhach amach 's amach.
"Níl a leithide (a mhacsamhail) faoi'n mbogha bán le an-tlás." = "níl duine faoi'n saoghal chomh h-amplúdhach leis."
"Ní scuireann sé (d'obair) go mbíonn an ghrian uair i dtalamh, le neart an-tláis."

"Ní túisce a gheobhfas sé lá, ná bheidheas sé amuigh in éadan na láighe, le teann an-tláis" = ní túisce a dhéanfas sé lá, ná bheidheas sé amuigh ag rómhar nó ag cur, le neart ampla agus sainnt sa saoghal.

"Tá teas an aithinne ann (ina thóin) le neart an-tláis" = bíonn fíbín air a' dul ag obair le teann ampla agus sainnte.

"Ní leigfeadh an t-an-tlás dó, suidhe síos go gcaitheadh sé a phíopa."

"Marach a chuid an-tláis, ní bheadh an súnás (saobhnós?) sin air i gcomhnuidhe" [súnás = fonn, fíbín nó teasbach oibre; a bheith luaithneach nó ag imtheacht go corr-mhéineamhail le broid oibre]

"Sé'n t-an-tlás a thug talamh dó" = marach a chuid ampla agus sainnte ní bheadh sé caillte agus curtha anois" = mharbhuigh sé é féin ag obair le teann ampla.

"Sé'n t-an-tlás a chuir faoi'n gcréafóig fiche bliadhan roimh an am é."

"Is ar íodhain ar éigin a bheannóchadh sé sa mbóthar duit le neart an-tláis agus uathbhás oibre."

"Marach a chuid an-tláis, ní bheadh sé ar an táirm chéadna ó mhaidin go faoithin agus ó Luan go Satharn" = marach é bheith fíor-shanntach, ní bheadh sé ag obair síorruidhe.

"Ní leigfeadh sé an Domhnach fhéin thairis le teann an-tláis."
= bhí sé ag obair ar an Domhnach le neart sainnte.

"Má dhéanann an-tlás dó é, beidh airgead aige"

"Ní thóigeann sé a cheann chor a' bith le an-tlás" = bíonn sé ag obair i gcomhnuidhe.

"Tá'n míádh corónta (crúnta adeirtear) air le an-tlás"

"Ní fhágfadh sé deoir alluis ionnad le an-tlás" = mharbhóchadh sé thú dhá mbeitheá ag obair aige.

"Tá sé ar an an-tlás céadna ariamh, agus céard tá dhá bharr aige" = tá'n tsainnt ann ó rugadh é, agus ní dhearna sí aon-cheo a chuir ann dó.

"Tá'n an-tlás ann ó rugadh é, agus dheamhan mórán dhá shlacht air" = tá uathbhás oibre, agus sainnt sa saoghal aige ó rugadh é, agus níor chuir sin tada ann dó i gcosamhlacht.

"Tá cruit air ag an an-tlás" = tá a dhruim cromtha [crúmta adeirtear i gConamara] ag uathbhás oibre.

"Tá sé thíos sa talamh ag an an-tlás" = tá sé snuighte caithte, tabhartha de bharr an-tláis.

"Níl ann ach na cheithre eite, agus sin an-tlás a rinne an méid sin dó" = níl ann ach go bhfuil sé indiaidh 'chéile agus marach sainnt sa saoghal, agus neart uathbháis, ní bheadh sé amhla.

"'Sí'n an-tlás a d'fhága ar bhruach na h-uaighe é."

"D'imthigh an d-l ar an an-tlás céadna. Níl duine dhá ngéilleann di, nach duine réidh é" (féach imthigh) = níl aon-duine dhá mbíonn an iomarca sainnte nó ampla a' siubhal leis, nach marbhuigheann é fhéin le obair ag iarraidh airgid a dhéanamh.

"Tá allus a chuirp tugtha aige, le an-tlás" = tá sé marbhuighthe ag obair, a' bailiú stóir.

"Th'éis (thar éis) a chuid an-tláis, ní bhfuighe sé ach leithead a dhroma sa deire" = gheobha sé bás ar ball agus ní bheidh dhe mhaoin a' tsaoghail aige, ach an uaigh.

(th'éis — Cois Fhairrge. thréis — Iarthar Chonamara, ach cloistear 'réis in áiteachaí in Iarthair Chonamara — Rosmuc. Tá léis ag

ag daoine i gCois-Fhairrge agus in áiteachaí ar fud
Chonamara. Tá théise an-choitcheannta i gCamus, Rosmuc
agus siar Iorrus-Aithneach]
"Ní bheidh am aige na Flaithis a shaothrú, le na bhfuil sé ag
iarraidh a shaothrú le an-tlás" = cinnfe air lón a dhéanamh
dá anam, de bharr a dhéine agus a oibrigheas sé le lón a
dhéanamh do'n saoghal seo.
"Is gearr (is beag) an (de) lón dhó, an an-tlás ar an lá
deireannach" = ní dhéanfa a chuid ampla mórán
maitheasa dhó lá a bháis.
"Tá a chuid an-tláis ar iarraidh anois" = déarfaidhe é le duine a bhí an
uathbhásach ag obair ariamh, agus bhí a buailte suas anois agus
gan meas mór ag aon-duine go srianfadh sé thríd.
"Tá an oiread an-tláis 'san athair, agus nach bhfuil goir ag
an gclainn, forus ná suaimhneas a dhéanamh."
"Ní thagann iabh air, ach ag obair ó mhaidin go faoithin
le an-tlás."
"Má thugann an-tlás go Flaithis é, tiocfa sé ann ar chosa-
bacóide" (ar leath-chois, a' sodarnaighil, in a shean-rith) = duine
a bheadh an-ampludhach, d'fhéadfaidhe seo a rádh faoi.
"D'fhága an an-tlás a séala air" = duine a bheadh buailte suas,
lagtha nó tabhartha, de bhárr oibre, agus luadhainne.
"Go mbadh leis fhéin uainne a chuid an-tláis!" = bhíodhadh a'
cainnt faoi dhuine a bhí an-sanntach agus an-amplúdhach agus

dubhradh seo as greann, le tabhairt i gceist nar iarr
an comhluadar a bhí i láthair, a bheith sanntach ná
uathbhásach (ch)uig an obair.
"'Siad na guiríní sin an an-tlás atá a' briseadh amach
thríd" = duine ampludhach, a raibh guiríní air.
"Is suarach í 'ailp anois th'éis a chuid an-tláis" = duine
ag iarraidh dul fheamuinne 'alpughadh fré chéile
dhó fhéin, agus nuair a chuaidh an baile uilig in a h-éadan
ba bheag é a chuid de.
"Mara n-eirighe feamuinn leis, ní cheal an-tláis é" = mara
bhfagha sé feamuinn, ní d'uireasbha ampla é.
"Dhá mhéad an-tláis é, is beag í 'chuid éadála" = duine
a bheadh an-ampludhach, agus nach n-eireochadh mórán ailpe
leis, in a dhiaidh sin.
"Dhá laghad an-tláis é, tá'n saoghal a' féithiú leis" = níl sé
ampludhach ná sanntach ná uathbhásach ag obair, agus aindeoin
sin, tá'n oiread aige le duine a bheadh.
"Mara bhfagha mé mo ghreím (greím adeirtear i gConamara — greim
Achréidh) d'uireasbha an-tláis, níl mé dhá iarra(idh)" = mara
n-eirighe liom mo bheatha a shaothrú gan a bheith ro-
ampludhach, níl mé ag iarra(idh) í 'shaothrú.
"Ní obair (n)ach an-tlás a rinne dhó é" = dubhradh faoi dhuine
a raibh a sháith 'mhaoin an tsaoghail aige; b'ait leis an gcainnteoir
a chuir i gcéill, nach le obair a chuir sé idtoll a chéile

í, ach le obair agus sainnt i dteannta 'chéile.

"Dhá mhéad dhá bhfuighe sé, is amhla is mó an-tlás é."

"A ghiolla an an-tláis!" = sin é thiubhar(f)aí ar dhuine
a bheadh ampludhach nó sanntach.

"Sin é féin giolla an an-tláis." = déarfaí le duine ampludhach
é nuair a thrácht(f)aí air.

"Ní bheidh sé uaidh, má fhaghann an-tlás dhó é" = ní bheidh
sé dhá uireasbha, má dhéanann sainnt dó é.

"Is mó atá a chuid an-tláis a mhilleadh ná a leasú faoi" = is
mó atá an tsainnt a chuir as ná a chuir ann dó = déarfaí
le duine, cuirim i gcás, a bheadh chomh h-uathbhásach nó
chomh sanntach ag obair, agus go rithfeadh sé uirre
maolscríobach agus nach dtiubharfadh sé leath-dheanamh
uirre; nó duine a bheadh ag iarraidh na pighne is aoirde
ar mhargadh, agus go gcinnfeadh air díol beag ná mór
dhá bharr sin.

"Bheadh a dhá oiread bráigíll air, marach a chuid an-tláis féin"
= bheadh a dhá oiread saidhbhris aige tharus mar tá aige, marach
é bheith ro-amplúdhach. [tharus = farrus.]

"Dhá mbeadh sé a' séideadh sneachta séidthe, ní
leigfeadh an-tlás dó eirigh as obair."

"Fágfa an an-tlás céadna cnead sa ngoile aige" =
"Fágfa an an-tlás céadna fead sa ngoile aige" = buailfidhear
suas é, de bharr sainnte.

"Sí an an-tlás a thiubhras giorrachan saoil dó" = marbhócha
a chuid ampla é.

"Is mór an t-íongnadh gur leig a chuid an-tláis dó, an ruaig tinnis sin a leigean thairis" = duine ampludhach a mb'éigin dó fuireacht istigh le tinneas.

"Ní leigfeadh sé múr thairis le teann an-tláis." = ní rachadh sé ar fascadh ó mhúr báistighe, le teann sainnt' oibre.

"D'fhliuch sé é féin go corrógaí indiaidh na feamuinne, le cuthach an-tláis."

"Dhá mhéad an-tláis é, is furasta cur (ch)uige anois" = dhá ampludhaighe dhá bhfuil sé, tá sé sáthach craithte anois (is beag atá sé indon a dhéanamh).

"Le an-tlás a thug sé an tuairt sin air fhéin" = dhá dteigheadh duine 'na phortaigh nó 'na chladaigh, nó dhá dtugadh sé aistear fada air fhéin lá mór, déarfaí seo.

"Fagh thusa fear an-tláis in a chomhnuidhe" = ní leigeann

an fear sanntach aon-scíth.

"Dhá mbeadh an tsíon seach' n-uaire díos (níos) géire, ní leigfeadh an an-tlás dó siúd, fanacht istigh" = dhá mbeadh an lá seach(t) n-uaire níos measa ná tá sé, bheadh sé ag obair le neart sainnte.

"Ní rug an ghrian ariamh in a leaba air, le teann an-tláis" = bhíodh sé igcomhnuidhe ina shuidhe roimh ghréin le sainnt.

"Ní fhanfadh sé leis an splainnc a thóigeál (thógáil) de do chois le an-tlás."

"Bhí an antlás 'san athair agus níor fhága an mac slis ná dual di in a dhiaidh" = tá an mac amhla freisin.

"Ní mórán is fearrde é a chuid an-tláis" = níl aon-sochar dhá bhárr aige, dhá ampludhaighe é.

"Ní donaide é a chuid an-tláis" = "is fearrde é a chuid an-tláis"

"Is beag an-tlás é, a Thighearna" = níl sé ampludhach ná sanntach.

Antlásach = antlás a bheith induine.

"Tá sé an-an-tlásach" = uathbhásach (ch)uig obair; sanntach; tugtha d'obair; ampludhach

"Ní an-tlásach go dtí é, a mhic ó."

"Tá sé an-an-tlásach, ní dhá roinnt leis é!" = bhí an cainnteoir ag cur i gcéill go mbadh ainimh nó éalang an an-tlás, agus nach raibh sé fhéin a' tabhairt aon-ghothadh uirre.

"Tá sé an-an-tlásach, ní dhá roinnt leis é, ach dhá fhágail aige!"

"'Sé is an-tlásaighe ar an talamh (faoi thalamh an domhain, faoi'n mbogha gréine, dhá bhfaca mé ariamh, ar foth ná ar féar, ar talamh an domhain, faoi'n ngréin etc).

"Dhá gcuirteá slat ar pharáiste, ní bhfuightheá fear níos an-tlásaighe ná é."

"Dhá an-tlásaighe dhá bhfuil an t-athair, ní choinneochadh sé coinneal de'n mhac" (sháruigh an mac é; is measa an mac ná luirgní dóighte; níl léigheamh ar bith ar an mac; níl cinneadh faoi'n saoghal leis an mac; is measa an mac seacht n-uaire; bhain an mac fhearr-is-barr dó agus rl.)

"Dhá gcuireadh sé a cheird isteach leis, ní fhéadfadh sé a bheith a dhath níos an-tlásaighe ná tá sé" = dhá bhfoghluimigheadh sé d'aon-úim, ní fhéadfadh sé a bheith níos measa le an-tlás ná tá sé.

"Bhí an t-athair an-tlásach agus ghreamuigh sin do'n mac = tá'n mac amhla freisin.

"Ba dual dó a bheith an-tlásach: bhí athair roimhe amhla."

"Ní ó'n ngaoith a thug sé an antlás: bhí chuile sinnsir dá dtáinig roimhe an-tlásach."

"Tá'n mac chuile ordlach chomh h-an-tlásach leis an athair"

= ní bheadh fhios agad, cé aca(b) de'n chúpla is an-tlásaighe:
eatorra(b) fhéin atá sé."
"Is mairg a bheadh an-tlásach agus 'laghad an lúin (lóin) a chuirfear
síos leat' mar deir Rafteri."
"Sé'n dá mhara' chéile dhó a bheith an-tlásach nó gan a bheith.
Ní fearrde é, ar aon-chor" = duine nach mbeadh a
chuid sainnte a' dul un tosaigh ná 'un tairbhe dhó."
"Má's peacadh a bheith an-tlásach, tá a shean-eire peacaidh
air" = má's peacadh a bheith amplúdhach, tá ualach
mór peacaidh air."
"Tá a dhá shúil ag dul amach thar a cheann, tá sé chomh
h-an-tlásach sin."
"Má bhí an t-athair an-tlásach, tá'n mac a' dul in aghaidh
dúthchais" = níor ghreamuigh an-tlás an athar do'n mhac.
"Beannacht dé dhuit! Tá sé chomh h-an-tlásach sin, agus nach n-árdóchadh
sé a cheann, an lá is deannachtaighe a shéid as aer ariamh"
= bíodh ciall agad, bheadh sé ag obair leis, an lá is measa a
tháinig ariamh.
"Caillfear fós é, dhá an-tlásaighe é."
"Tá sé chomh h-an-tlásach sin, agus go gcuirfeadh sé a
dhá láimh thart ar an saoghal" = tá sé chomh h-amplúdhach
sanntach, agus go mbadh mhian leis an saoghal ar fad a bheith aige dhó
fhéin.

"Níl aon-fhear beo, is an-tlásaighe ná é."

"Tá buille boigréise ann, dhá an-tlásaighe é" = tá roinnt bheag de'n bhuigshíneadh a' siubhal leis, dhá ampludhaighe é. [Féach boigréis, buigshíneadh]

"Is mairg a bheadh ag iarraidh boigréise ar dh-l chomh h-an-tlásach leis" = níl gar a bheith a' súil le truaighe ná fiuntas ná grádh-Dia ar bith ó dhuine atá chomh h-ampludhach leis.

"Má tá sé an-tlásach, ní ó'n athair a thug sé é" = ní dual athar dó a bheith ampludhach

"Is beag an dochar dhó a bheith an-tlásach. Sé'n faisean é a chleacht sé ariamh" = ní iongnadh ar bith an tsainnt a bheith a' siubhal leis, mar sén nós é a chleachtuighthí ag baile aige.

"Is suarach an t-iongnadh é 'bheith an-tlásach, agus gan nidh dhár dhealbh(?) an ghrian aige" = ní iongnadh ar bith, é bheith sanntach agus uathbhás (ch)uig obair, agus gan nídh faoi'n saoghal aige (é bocht dólom) [Dhealbh(?) = cruthuigh(?) féach Irish Syllabic Poetry — Miss Knott]

"Is aoibhinn duit gan a bheith chomh h-an-tlásach leis"

"Tá sé chomh h-antlásach sin, agus nach mór leis an ceann reamhar do chuile sórt a bheith aige" = bíonn sé ag iarraidh (a' súil) leis an gcuid is fhearr de chuile shórt de bharr sainnte.

"Tá sé chomh h-an-tlásach sin agus go mbainfe sé an craiceann de'n bhuachaill, má thugann sé áird air" = marbhócha sé an buachaill ag obair, má ghéilleann sé dó agus dhá chuid an-tláis.

"Má tá fhearr-is-bárr ann, is an-tlásaighe an mac ná'n t-athair"

"Má tá deifridheacht eatorra(b) is measa an mac le an-tlás ná'n t-athair"

"Ní milleán air a bheith an-tlásach, sgáth a bhfuil aige" = níl mórán maoine aige, agus ar an adhbhar sin, níl sé le tóigeál (tógáil) air, má tá sé sanntach agus ampludhach.

"Tá sé an-an-tlásach de'n tsaol" = tá sé an a. críochnuighthe.

"Ní scuirfeadh sé dá mbeadh an baile ag (dh)uil 'na cille, tá sé chomh h-an-tlásach sin" = dhá mbeadh ar an mbaile caillte agus iad ghá dtabhairt 'na roillige, ní eireochadh sé as obair (gnás é i gConamara, nach ceart an chreafóg a chorruighe, sé sin treabhadh ná fuirseadh, ná obair throm ar bith de'n tsórt sin a dhéanamh chúns atá corp ar an mbaile. Is measa arís é, má tá duine ag obair agus an corp ghá thárlú de'n bhaile]

"Nach raibh sé chomh maith dhó an saoghal a ghlacadh go réidh le bheith chomh h-an-tlásach a's tá sé."

"An té a bhfuil caith(eamh) agus faghail aige, níl aon chall dó a bheith an-tlásach" (níl aon chall an-tláis dó.) = an té a bhfuil riar a cháis aige, níl aon-chall dó a bheith sanntach ná ampludhach ná dhá mharbhú fhéin ag obair.

"Cé'n mhaith de dhuine a bheith chomh h-an-tlásach sin críoch-nuighthe a's go bhfágfá sé in a dhiaidh ar fad é" = pé'r bith cé'n cnuasach a dhéanfas duine, ní bheidh aon-ghoir aige é a thabhairt 'san uaigh leis.

"Tiocfa sé idtalamh, chomh maith le duine nach mbeadh an-tlásach chor ar bith" = caillfear agus cuirfear é, is cuma cé'n an-tlás é.

"Tá sé chomh h-an-tlásach le na leithide 'bith, agus céard atá dhá bhárr aige, in a dhiaidh sin." = tá sé chomh h-an-tlásach le duine dhá an-tlásaighe, agus níl tada dhá-shlacht air in a dhiaidh sin.

"Má tá Seán an-tlásach, níl tada dhá thais ag Seumas (ní taise do Sheumas é; ní taise le S. é) = tá Seumas chuile phioc (chuile ordlach, chuile bhlas, chuile cheo etc) chomh h-an-tlásach le Seán.

Pádraic: tá Tom an-tlásach

Liam: dhéanfadh sé d'uireasbha cuid dhe, ceart go leor

= [tá sé an-an-tlasach; bheadh sé indon cnuasaigh a

dhéanamh agus gan é baoghal air, chomh h-an-tlásach agus tá sé]

"Dhá mbeadh 'chuile dhuine chomh h-an-tlásach le chéile, ní

bheadh saidhbhreas ag daoine thar a chéile."

"B'fhéidir gur fearr a bheadh sé indon a bheart a tharraingt,

agus gan é leath chomh h-antlásach; b'fhéidir sin" = b'fhéidir

gur fearr a dhéanfadh sé cúis, agus gan é bheith chomh

h-amplúdhach agus tá sé.

"Sé'n feithide is an-tlásaighe ar a dhá-chois é" = tá sé an-

ampludhach amach 's amach.

"Má chinneann air (gnaith a dhéanamh) agus chomh h-an-tlásach agus

atá sé, go bhfoiridh Dia orainne" = níl goir ar bith againne

cúis a dhéanamh, mara n-eirighe leis-sean cúis a dhéanamh.

"Sé'n té is mó a mbíonn aige an té is an-tlásaighe
go minic" = an duine is mó maoine, is air is mó a bhíos fonn
cur in a ceann.
"'Sé atá an-tlásach ag a bhéile" = smalcann sé é; tá sé uathbhásach
ag ithe.
"Is geall le amhus é, tá sé chomh h-an-tlásach sin ag ithe."
"Is mór a' t-iongnadh nach dtachtann sé é féin ag ithe, agus chomh
h-antlásach agus atá sé."

An-tlachán = duine an-tlásach; duine a mbeadh
cuthach oibre air; duine sanntach; duine uathbhásach ag ithe

"'Sé'n t-an-tlachán é." "Tabhair an-tlachán air."
"Ní an-tlachán go dtí é." "An-tlachán bradach é."
"Nach diabhaltaidhe an t-anlachán thú, nach scaoilfeadh an
lá fliuch thart, agus a liachtaighe lá tirim a thiocfas arís
go gcaithtear an samhradh"
"Marach in' an-tlachán é, ní chuirfeadh sé araoid a'
bith ar a chuid feamuinne" = marach é bheith sanntach, ní
bhacfadh sé le feamuinn an fhir eile, beag ná mór.

"Tá a dhá shúil amuigh thar a cheann indiaidh an ghiodán talmhana sin, an t-antlachán!"

"An t-an-tlachán, ó's sin é 'ainm!"

"Níor bhain sé tada as ainm é, nuair a thug (ghlaoidh) sé an-tlachán air" = níor dhubhairt sé bréag agus an-tlachán a thabhairt air."

"Gheobha tú rud ó'n an-tlachán siúd! Bí ar t'áirdeall féin nó gheobha tú an bhróig" = déarfaidhe rud mar seo le duine adéarfadh go raibh sé ag (dh)ul i gcleitheamhnas le rud eicínt (airgead etc) a iarraidh ar dhuine a mbeadh cáil na sainnte amuigh dhó.

"Ní leigfe an t-antlachán siúd tada leat go bog" = rud ar bith a gheobhfas tú uaidh; saothrócha tú go maith é.

"Antlacháin chuile dhuine aca(b) go h-íochtar" = déarfaidhe seo faoi dhream daoine a mbeadh sé de cháil orra go raibh an tsainnt agus an ampla ionnta(b).

"Is mó ag an an-tlachán sin scaradh le luach leithphighne ná ag duine eile scaradh le punt."

"Ní fheicfeá a leithide d'an-tlachán in do shiubhal lae."

"Tá sé in 'an-tlachán chomh mór sin a's go gcoinneochadh sé ag obair thú go mbeadh an dubh ar an oidhche" = dhá mbeitheá ar páighe, nó ar aimsir aige, ní leigfeadh sé dhuit scuireadh go mbeadh an oidhche dhubh ann.

"Shíl an t-an-tlachán an fheamuinn fré chéile a chrapadh chuige féin."

"Is beag an ghoir aige a bheith chomh dona leis an an-tlachán is athair dó."

"Fagh thusa an-tlachán eile mar é."

"Deirimse an-tlachán leat! Siúd é an t-antlachán"

"Bheadh ciall an-tlachán (n)ach is dona a bhí(onn)s an greím deireannach sluigthe aige, nuair seo amach aríst ag obair é."

"Is beag le go mbíonn an t-antlachán ina shuidhe ag a bhéile nuair a bhío(nn)s sé amuigh aríst le uathbhas oibre" = "ní mó ná go mbíonn sé ina shuidhe síos aigéan a bhéilí, nuair a eirigheas sé aríst agus [a theighea(nn)s sé] amach ag obair"

[Uathbhás = u-fás — Cois Fhairrge — ua-fás — Iarthair Chonamara]

"Mhúinfeadh an t-antlachán siúd críonnacht do dhuine"

= dhá ndeanadh duine aithris ar a chuid sainnte, ba mhór an

chríonnacht dó é.

"Beidh tú fhéin in t'an-tlachán, ach a dteaga (dtaga)

ciall duit."

"Is beag an chiall duine a' bith, nach bhfuil in' an-tlachán"

= ní bhíonn aon-chiall ag aon-duine nach mbíonn sanntach

agus uathbhásach (ch)uig obair.

"D'fhéadfadh duine bheith sáthach sanntach, ach is mór atá idir sin

agus a bheith in t'an-tlachán"

"B'fhearr liom in mo dhruncaera (in mo phótaire) go mór fada,

ná in m'an-tlachán."

"An-tlachán é, ó chuaidh sé in ord Mhuire" (féach "ord Mhuire")

"Ní leigfeadh an t-antlachán an doininn fhéin thairis, nach gcaithfeadh

sé a bheith amuigh fúithe" = bhí sé ag obair faoi'n doininn

"Dhá mhéad in (de) an-tlachán é, pléidhfe an saoghal leis" =

tiubharfa an saoghal faoi é = cáillfe sé a shláinte

le na chuid an-tláis.

"Nach mór an díthcéille de'n an-tlachán, a shlainte a chailleadh
i gcleitheamhnas cupla ladhair fhataí (a bhaint)" = d'fhan sé
faoi'n doininn a' baint cupla iomaire fataí, agus bhí sé
cur a shlainte ingeall (féach "ladhar" agus "cleitheamhnas")
"Múinfe an cladach é, dhá dhonacht d'antlachán é" = bíodh sé
ag (d)ul 'na cladaigh moch deireannach a' tóruigheacht
fheamuinne, agus fágfa an cladach réidh é, as deire na
cúise.
"Is iomdha an-tlachán leis, a d'fhága an cladach céadna ag
éagcaoineadh cheana."
"Síleann an t-anlachán go bhféadfa sé an dá thráigh
fhreastal: a bheith ar an bportach agus ag an gcladach in éindigh."
"Is dhó is mó naire an t-an-tlachán" = déarfaí seo
le duine a dhéanfadh éagcóir as an-tlás.
"Is beag an náire an t-an-tlachán" = níl aon-náire air
a' cnuasach nó a' cur maoine idtoll a chéile.

"Ní mise atá dhá rádh. Is feasach a' saoghal gur
an-tlachán é."
"An-tlachán a bhéarfainnse (a thiubhrainnse) ar a leithide.
'd'eile."
"Cá'r fhága tú an t-an-tlachán is athair dó?" = déarfaí seo
nuair a bheithidhe ag cur ar shon an mhic, agus go mbadh duine
feilmheanach é. Leagfaí an milleán air an athair go
mbadh é ba (s)cionntaighe leis an mac.
"Is suarach an chaoi aige a bheith 'forcabhás ar shnáithín
feamuinne na baintreabhaighe sin. Marach gur dearg-
an-tlachán é, ní bheadh" [forcabhás = ag faire, ag
tnuthán le]
"Is uathbhásach an t-antlachán ag ithe é" = smalcann sé siar
an bheatha go deifreach, agus itheann sé foracún mór.
"Sé'n t-an-tlachán ag bord é."
"Shílfeá gur faitchíos a bhíos ar an an-tlachán go sciobfar an
bheatha uaidh leis an uathbhás a bhíos air ag ithe."
"Ní thiubharfa samhail a' bith do'n an-tlachán ag a' gciseoig, ach
madadh a' slumairt" [ciseog = roimhe seo, agus in áiteachaí fós,
shuidheadh muinntear a' tighe ar fad thart faoi'n
gciseoig, agus iad ag ithe béilí fataí]

Anuas [féach aníos, síos, suas, thuas]

Anuas = ó'n taobh thuas, ó'n taobh ó thuaidh (ó dheas in áiteachaí — féach na somplaí), ó'n taobh atá as do co chionn, gluaiseacht chugad; ó'n am anall, isliú, snuigheachan, tanuidheachan, lagann, leigean faoi.
Lascaine, bochtughadh; milleán a' teacht ort;
tuairim's, timcheall's, beagnach.

Anuas = ó'n taobh thuas, nó'n ó'n taobh ó thuaidh (nó'n taobh ó dheas).
[Le fairrge igConamara, is ionann anuas agus ó'n taobh ó thuaidh, ó'n taobh amach. Anuas as Uachtar Árd, as Muigh Cuillinn, as Leamhchoill etc. Dhá mbeadh claddóir i Muighcuilinn, déarfadh sé go dtáinic sé aníos as a' Spidéal nó ó Chois-Fhairrge, ach déarfadh fear a' tsléibhe a mhalrait i.e. go dtáinic an claddóir anuas ó'n Spidéal nó ó Chois-Fhairrge. Déarfadh fear Leamhchoille cuirimigcás, go dtáinic sé aníos as Muighcuilinn (ó thuaidh de) agus anuas ó'n Spidéal (ó dheas dhe). 'Séard adéarfadh an claddóir, dhá mbeadh sé i Leamhchoill agus é 'déanamh an rud céadna go dtáinic sé anuas as Muighcuilinn, nó aníos ó'n Spidéal. 'Sé gnás na sléibhte atá ar an Achréidh. Déarfadh fear Bhaile an Chláir go dtáinic sé aníos as Tuaim (ó thuaidh dhe) agus anuas as Órán (ó dheas dhe). 'Sé fhearacht sin ag thíos, thuas, síos, suas é, chomh fada agus a bhaineas siad le gluaiseacht go dtí áird nó uaidh. Is coitchiannta thríd a's thríd ar fud Chonnacht anuas a thabhairt ar ghluaiseacht ó'n taobh ó dheas, agus aníos ar ghluaiseacht ó'n taobh ó thuaidh. 'Sé atá ag na Béarlóirí freisin le "up" and "down". Is na bailtí atá leath-bealaigh idir Cois-Fhairrge agus Muighcuilinn a's Uachtar Árd, cuirimigcás, na Cnuic, Cnoc ar Eas Thoir, Tula(ch) na n-Uan, Sliabh an Aonaigh, an Poll, Doire Thuirc, leanann siad gnás na "sléibhte", ach imthigheann na bailte sléibhte níos fuide ó dheas — Seana-Ghurráin, Boluisce, Leitir-Fir, agus tamhnaigh mar iad — le Cois-Fhairrge. Mar sin fhéin tá gnás na "sléibhte" ag cuid de na sean-anndúirí 'sna tamhnaigh sin fhéin, atá ar ghort a' bhaile ag a' gcladach]

"Anuas ó shléibhte é" = (ó'n taobh ó thuaidh)

"Bhí an fear anuas a's an fear aníos ann."

"Tá siad anuas a's aníos ann" = ó 'chuile thaobh.

"Phós sé bean anuas" = ó sléibhte, ó cheanntar Muighcuilinn nó Ghnó Mhóir.

"Bean anuas atá pósta aige."

"Fear anuas a cheannuigh an capall uaidh."

"Níor dhubhairt an fear anuas tada."

"Bhí go leor de'n mhuínntir anuas ann" = daoine ó cheanntar a' tsléibhe.

"'Pós bean anuas agus pós a bhfuil thuas uiliog'" = "pós bean aniar agus pós a bhfuil thiar uiliog" = "pós bean ó shléibhte agus pós na sléibhte uiliog" = [sean-fhocal — má phósann tú bean ó sléibhte, beidh an sliabh ar fad, tarraingthe ort. Tiocfa a cuid comharsan a's a cuid daoine muínntreach ar fad ar cuairt agad, acht a's áithrid. Bíonn a' mbíonn faoi sléibhte uile a' brúghadh gaoil ar a chéile, agus má phósann tú duine acu, is leat uilig iad.]

"Tháinic sé anuas ar cuairt" = (ó'n taobh ó thuaidh — ó shléibhte).

"Cé'n cruadhóg anuas a bhí anois air?"

"Diadhachta dhó a tháinic anuas chor a' bith indiu."

"Níl ceart a' bith le baint de'n dream anuas, nuair a thosuighea(nn)s siad" (i.e a' troid).

"Ní sa gcarthannas a chaill an fear anuas ariamh é" (deir muinntear a' chladaigh gur carthannaighe iad muinntear a' tsléibhe ná iad fhéin).

"Fear ó'n taobh anuas, a chas liom ar mhargadh na slat inGaillimh, 'bhí dhá rádh liom."

"Má thugann sé aghaidh anuas chor a' bith, is linn é go ceann seachtmhaine."

"Anuas as Muigh cuilinn, nó as Gnó Mhór é" [Gnó Mhór — tugann muinntir a' chladaigh Gnó Mhór ar chuile áit — taobh ó thuaidh de Mhuigh-cuilinn. "Fear anuas as Gnó-Mhór" = fear ó'n taobh ó thuaidh de Mhuigh-Cuilinn. Féach "Iar-Chonnacht" — (Roderick O Flaherty) a chuir James Hardiman in eagar, le míniú a fhaghail ar theorainneacha an tsean-cheanntair seo]

"Bíonn sé suas 's anuas ar a' bportach go h-acht a's go h-áithrid."

"Bhí mé anuas thar Árd Throsca na gCapall shul má rug an oidhche orm"

= bhí mé níos goire ná etc. níos goire do'n taobh ó dheas.

"Tá sé scathamh anuas ó Dhroichead na gCnoc."

"Ní raibh mé tada le anuas thar tigh Mh. Uí Dh. nuair a tháinic sé

'na ghleáradh báistighe."

"Bhí áirdín a' bhóthair caithte anuas agam, shul a' shéid sé"

= bhí mé anuas thairis, shul a' tháinic sé 'na bháistigh.

"Ní raibh baol orm a bheith anuas chomh fada leis a' bhFiodán Mór ó

ló."

"Tá muinntear L. tarraingthe anuas orainn i gcomhnuidhe" =

tagann siad ar cuairt chugainn go minic (ó'n taobh ó thuaidh thaga(nn)s siad)

"Tarraingeann siad anuas a'inn (= chugainn) ro-mhinic ar fad."

"Bhí mé anuas go maith an t-árd, nuair a leagadh mé" =

go maith le fána an aird.

"Bhí teannadh liom anuas a' t-árd" = le fána an aird.

"A' teacht anuas Seana-Dhroighin dom; bhí sé 'na n-oidhche

dhubh" = bhí an oidhche tuithte, nuair a shroich mé anuas

chomh fada le Seana-Dhroighin.

"Bhí sé 'teacht anuas le claidhe, le colbh le balla etc.

"Bhí sé congnamh maith de'n aistir anuas an uair sin" = bhí

an chuid is mó de'n aistir (a' teacht ó'n taobh ó thuaidh bhí sé) abhaile

déanta aige."

"Chuir mé bóthar dhíom anuas" = tháinic mé anuas go tréan.

"Bhí an teach scathamh anuas uaim."

"Bhí sé a' siubhal anuas uaim an cnoc."

Tá bhfuil de choirce imbárr a' bhaile anuas anois."

"A' cur anuas mhóna (de'n phortach) atá sé na laetheantaí

seo."

"Is gearr anuas a bhí mé, nuair a scoth sé mé."

"Is fada anuas a thug a chosa é."

"Meastú a' dtaithneo(ch)a an áit seo anuas le cladach leat"

(adéarfaí le bean ó shléibhte a phósfadh le cladach).

"Tarraingeo(cha) sé anuas le fairrge, ar athrú aeir."

"Is beag a' samhaoine 'bhfuil d'fhéar anuas le íochtar."

"Níor thaobhuigh sé anuas muid le saoghal a's aimsir"

"Doirt anuas (ch)uig a' teine" = duine bheadh i bhfad ó'n teine.

"Doirt anuas leis a' teine" = duine bheadh i bhfad ó'n teine.

"Doirt anuas ó'n dorus" = "teann anuas in aice na teine"

"Teann anuas sa gclúid."

"Doirt anuas ó'n mballa i lár na leapthan."

"Fear anuas as Cúige Uladh é", ach "fear aníos as Íochtar Tíre"

déarfaidhe.

"Bhí aghaidh anuas orm" = duine bheadh scathamh uait, agus é breathnú

chugad.

"Tá aghaidh an tighe anuas ar a' mbóthar" (ar an taobh ó thuaidh de

bhóthar a bhí an teach)

"Bhí aghaidh anuas ar a' ngleann" = (bhí sé as cionn an ghleanna)

"Fear anuas as Baile Átha Cliath é." "Bhí bean anuas as Baile Átha

Cliath annseo againn a' foghluim Gaedhilge, tá cupla bliadhain ó shoin."

"Tá sé 'cur anuas anois" = a' caitheamh báistighe, sneachta etc.

"Tá'n simléar a' cur anuas" = tá sé casadh an deataighe ar ais.

"Tá báisteach anuas ann" = an bháisteach a' teacht thrídh cíor nó

thrídh dhíon a' tighe agus a' tuitim istigh sa teach nó sa scioból."

"Tá braon anuas air" = braoinín 'báisteach anuas'.

"Ní bheidh aon-deoir orm-sa feicfe tú fhéin,

feadh's an tuighe seo 'bheith curtha agam."

"Stopfa an stráca sin fhéin an braon anuas."

"Tá 'báisteach anuas' le balla."

"Buaileadh braon báisteach anuas idir a' gob 's a'

tsúil orm."

"Is gránna í an bháisteach anuas"

"Bhí cuileogaí súighe anuas ann is chuile áit" = práibeannaí

súighe a' tuitim ó'n gceann.

"Ní raibh aon-deor bháisteach anuas ann, ó chuir mé é go

deireannach" = ó chuir mé tuighe air.

"Tá aghaidh anuas uirre" = báisteach throm ann.

"Caithfe sé í anois, mar tá'n t-aer anuas ar a' talamh ar fad" =

cuirfe sé báisteach, már tá sé an-dúinte.

"Tá sé 'cur anuas anois" = a' báisteach go daingean.

"Shílfeá gur anuas as na Flaithis a thárla mé aige, bhí an

oiread sin fáilte aige, rómham" = "shílfeá gur anuas as

mullach an aeir a thuit mé aige, chuir sé an oiread sin

fáilte rómham (féach "aer")

Thuit sé anuas de'n teach, de'n chapall, de'n róthar, de'n claidhe,

de'n chathaoir etc.

"Chuir a' capall anuas é" = leag sí é.

"Cuireadh anuas de'n 'bhicycle' é" = baineadh leagan as.

"Bhuail an roth tosaigh, faoi chloich ghéir, a chuir anuas mé."

"Cuireadh anuas ar mo bhéal 's ar m'fhiacla ar a'

mbóthar mé" = leagadh ar mo bhéal fúm ar a'

mbóthar mé.

"Cuireadh anuas d'aon-iarraidh amháin mé, agus shíl

mé go raibh mo chaiscín meilte" = leagadh mé, d'aon-

iarraidh amháin mé, agus shíl mé go raibh mé marbh.

"Is éasca duine 'chuir anuas ar a' reothalach sin."

"Cuireadh capaill anuas indiu, mar bhí an bóthar

chomh sleamhain le gloine."

"Níor fágadh duine ar a' bhfeádhain aca(b), nar cuireadh

anuas" = leagadh a raibh ann aca(b).

"Níor thóg sé achar a' bith air é 'chuir anuas, th'éis gur

diabhluidhe an splíota d'fhear é" = chuir sé in aer é

(leag sé é) gan moill a' bith, aindeoin gur fear

mór é."

"Tá sé siúd indon is chuid is fearr aca(b) a chuir anuas."

= a leagan.

"Sé'n poitín an buachaill atá indon fear a chuir anuas."

"Dar príosta, tá sé anuas aige" = leagtha.

"Dheamhan crathadh a' bith fhéin, a fuair Pádraic, Seán

L. a chuir anuas."

"Nuair a bhí sé sa reacht ab fhearr dhá saoghal, ní raibh duine 'bith 'g (dh)ul uaidh, nach raibh anuas aige" = nuair a bhí sé 'na mhaith leagadh sé 'chuile dhuine."

"Buachaill maith 'bheadh ábalta é 'chuir anuas, deirimse leat."

"Ní raibh ann, ach go raibh sé ar marcuidheacht ar an asal, nuair a chuir sé anuas é." "Sí'n gaoth a chuir anuas an chruach."

"Ba gearr thuas é, nuair a bhí sé anuas ar ais."

"Seo anuas a' bóithrín é 'sna caoir-theinte."

"Tá'n fhuinneog anuas" = íslighthe.

"Thug sé anuas a' t-éan gan stróbh a' bith" = mharbhuigh sé an t-éan a bhí sé 'san aer.

"Thug sé anuas an naoscach ar a' gcéad-urchar in Éirinn — abair go raibh urchar aige sin."

"Is gearr a chuaidh sé, nuair a cuireadh anuas é" = marbhuigheadh é.

"Cuireadh póilíos anuas an uair sin!" = marbhuigheadh póilíos an uair sin.

"Deir sé go gcuirfí anuas saighdiúir Shasana as éadan sa gCogadh — ba gearr a' mhoill ar a' nGearmánach é — marach go ndeacha 'Meriocá 'chongnamh dhóibh"

"Cuirfe sí sin girrfhiadhachaí anuas, má mhaireann di" = marbhócha sí girrfhiadhacha, má theigheann sí ar aghaidh mar tá sí 'gabhail anois.

"Thuit sé anuas faoi mo chosa ar meisce."

"Buaileadh anuas faoi'n mbóthar é" = (le earr-a's barr dúthrachta a chuir sa gcainnt adeirtear anuas i ráidhtí de'n tsórt seo."

"Rug sé isteach, agus bhuail sé anuas faoi'n urlár é, gan anró 'bith."

"Brisfe mé do smut anuas faoi'n teallach, mara n-eirighe tú as do chuid sceaibhínteachta."

"Leagadh mé agus fhobair gur baineadh na fiacla asam, anuas faoi lom a' bóthair."

"Buaileadh a chloigeann anuas faoi'n teinteán, agus shíl mé

dheamhan snig a bhí 'na chluais."

"Is mó an dúil atá agam, do straois a bhriseadh
anuas faoi'n leic."

"Thuit sé anuas faoi'n mbóthar, mar bhí sé 'na chiseach críochnuighthe le ól."

"Ní raibh mé ach anuas de'n chruaich, nuair a d'ionntuigh sí."
= bhí mé ar a' talamh ar éigin."

"Is gearr a bhí mé anuas (= sa mbaile) de'n phortach, nuair a
thuit oidhche."

"Leagadh buidéal fuisce anuas againn" = tugadh buidéal fuisce dúinn

"Leag sí anuas bord agus béilidhe breagh beatha."

"Leag sé anuas paca cárta, agus d'ionnsuigh orainn ag imirt,
go raibh sí ionann's 'na lá gheal."

"'Leagadh anuas chugainn bord a raibh gloiní a's cárt air
a's cúilín fáinneach le m'ais 'na suidhe'"
(Máire Ní Eidhin — Rafteri).

"Leag sí anuas, pláta mór feola in a fhiadhnuise."

"Níor fhága sé snáth éadaigh thuas ar mo chraiceann, nar bhain
sé anuas díom"

"Bain díot anuas an cóta sin anois go beo deifreach, agus ná
bí ag imtheacht dhá mhilleadh."

"Bain díot anuas na h-éadaighe fliucha sin go beo, nó
tolgó(cha) tú an t-éag asta(b)."

"Ba ghearr a bhí sé 'baint dhe anuas, agus a' cur maltraid
éadaighe air fhéin, deirimse leat."

"Bainfe mé an ceann anuas ó'n dúid dhíot" = amach ó'n
dúid.

"Bainfe mé an chluais anuas de do leiceann, mara
n-eirighe tú as."

"Bain an chluais anuas de mo leiceann-sa, mara
raibh siubhal glan ag imtheacht aige!" = dar príosta
d'imthigh sé go sciobtha.

"'Dhá bhfaghainnse mé fhéin ar a' gcolainn arís'
adeir a' cloigeann 'leagha na bhFiann, ní bhainfeadh
anuas mé'" (as scéal fiannuidheachta — is minic 'na 'sheoraidhe'
i scéalta é.)
"Bhain sé an láimh anuas ó'n ngualainn dhe."
"Baineadh an chois anuas ó'n nglúin dhe."
"Tá'n fhéasóg bainte anuas aige" = bearrtha.
"Caithfe mé an chlaidhmhreacht seo 'bhaint anuas anocht" = lomra
féasóige.
"Ní mór dhom a' folt seo bhaint anuas go goirid" = mo chuid gruaige
a bhearradh.
"Cé'n cárta a chaith tú anuas?"
"Céard atá caithte anuas anois agad?" = leagtha (cártaí)
"Is gearr go dtaga sé anuas 'na dhórtadh (báistighe)."
"Tá'n coiléar (= bóna) caithte anuas aige: is cosamhail nach bhfuil
faoi an áit seo 'fhágáil níos mó."

"Tá'n abhainn anuas" = traoithte.
"Tá'n tuile anuas" = íslighthe, traoithte.
"Is mór a tháinic an loch anuas le seachtmhain" = a thraoith sí.
"Tá do chois anuas go mór, ó chonnaic mise cheana í, bail ó dhia
a's ó Mhuire uirre" = tá'n t-at traoithte innte.
"Fág mar sin í go dtaga sí anuas uaithe féin" = go dtraoithe an
t-at uaidh fhéin (cos athta, lámh athta etc)

"Níl fhios agam ó Dhia anuas (ó fhlaitheas anuas, ó Neamh anuas)
céard tá orm" = níl fhios agam faoi'n mbogha bán, céard tá
orm.
"Níl fhios agam ó Dhia anuas, cé'n dearmad a bhain dom agus é
leagan annsin."
"Ní feasach mé ó fhlaitheas anuas cá'r chuir mé idtaisce é."
"Ní rabh fhios agam ó Neamh anuas, cá raibh aon-duine
sa teach imthighthe an oidhche chéadna.

"Níl fhios agam ó dhia anuas, céard a dhéana(nn)s sé le na chuid airgid, ach is beag de fheicimse, ar aon-chor."

"'mbeadh fhios agad ó Dhia anuas, cá'il sé 'faghail na báistighe chor a' bith" (deirtear ar dhroch-aimsir é).

"Chínnfeadh ort, a thuiscint ó Fhlaitheas anuas, cé'n fáth nach mbeadh déantus maitheasa eicínt ann."

"Bíonn leabhra tarraingthe anuas i gcomhnuidhe aige" = é dhá léigheamh

"Bhí sean-róthar tarraingthe anuas i lár a' tighe aige agus é dhá dheasú."

"Ní deas a' scéal atá tarraingthe anuas agad i láthair comhluadair" = atá igceist agad; atá tú 'innseacht.

"Sin é an scéal atá tarraingthe anuas aige, 'chuile ré soluis."

"Tharraing sé anuas agam (= chugam) é aréir, agus mé 'cainnt leis" = trácht sé air; chainntigh sé ar a' scéal.

"Níl aon-scéal sa tír, nach gcloisfeá tarraingthe anuas sa teach céadna, agus ní h-iad na deagh-scéalta go minic iad."

"Níl aon-mhaith agad ann, mara dtarraingighe tú mise anuas 's 'chuile áit dá mbíonn tú"

"Ná tarraing fataí Chuilm, anuas níos mó — go bhfága mise seo, ar aon-chaoi."

"Pósadh 'bhío(nn)s tarraingthe anuas ann i gcomhnuidhe."

"Corr-uair a tharraingea(nn)s siad anuas faoi'n talamh anois chor a' bith."

"Is minice leis a' droch-rud a bheith tarraingthe anuas aige, ná pháidreachaí."

"Ní h-iad 'ur bpáidreacha a tharraingeochadh sib anuas leath chomh maith" = ní a' cainnt ar bheannuightheacht a bheadh sib, ach cainnteocha sib go maith ar a' rud nar ceart daoib cainntiú air.

"Tharraing sé anuas agam, faoi'n lá a raibh muid ag gabhail le chéile thíos ar an aonach."

"Dhá dtarraingeadh sé mórán eile síothmálachaí anuas agam,

dheamhan mo chos a d'éistfeadh leis." = dhá dtarraingeadh sé
mórán eile sean-fhaltanais anuas chugam, bhuailfinn é."
"Ba h-óg 'san oidhche a thosuigh sé a' tarraingt anuas achrainn"
= thosuigh sé ag ullmhuchán scléipe luath 'san oidhche.

"Bhí cóta dearg anuas faoi na mullach" = cóta a gcaithfeadh sí a
cloigeann a chur isteach ann le na chuir uirre.
"Chuir sí 'seal cloth' anuas faoi na mullach ar a dhul amach di."
"Anuas faoi na mullach agus aniar faoi na brághaid a bhí an fhallaing
uirre."
"Anuas faoi do mhullach féin é", adéarfaí le duine 'bheadh ag
eascainidhe ort.
"Anuas faoi do mhullach fhéin do chuid eascainidhe, gan dochar, gan
díoghbhail dhúinne!"
"Cuir anuas faoi do mhullach é (ball éadaigh). Is amhla is fearr
dhuit é."

"Bhí a chuid fola anuas leis" = a' tuitim síos le na craiceann.
"Bhí sruth pislíní anuas le na bhéal."
"Bhí an sruthán anuas as" (cóta, nó ball éadaigh fliuch)
"Tá sé réidh anuas go dtí lár a' gharraidhe anois."
"Bhí claibín anuas ar a' mbacús = leagtha ar a bhéal.
"Bhí an hata anuas ar a shúile"
"Bhí a chuid gruaige anuas in a shúile.

Anuas sa saol = bochtuighthe; a chuid agus a dheis ídighthe, imthighthe
"Tá sé anuas go mór le scathamh" = bochtuighthe.
"Is mór atá sé anuas sa saoghal ó 'bhí 'athair beo" = "is mór
a tháinic sé anuas ó bhí 'athair beo."
"Tá sé anuas thar mar bhíodh sé, ach níl aon-ughdar clamhsáin
fós aige" = níl sé chomh saidhbhir a's bhíodh sé, ach tá riar maith
fós aige.
"Tugadh anuas go mór é le cupla bliadhain" = "tháinig sé anuas go mór
le cupla bliadhain" = bochtuigheadh go mór é, le cupla bliadhain.

"Níl sé chomh tugtha anuas sin sa saoghal, a's nach bhfuil sé indon freastal do'n chíos" = níl sé chomh bochtuighthe sin, a's nach bhféadfadh sé an cíos 'íoc.

"Tá sé tuithte anuas uiliog" = bochtuighthe.

"B'acfuinneach a' teach é sin, tamall, ach tá sé tugtha anuas anois"

"Má ghreamuigheann an díleághadh dóibh — ní dhá roinnt leob é! — is gearr gur dream tugtha anuas go maith 'bheidheas ionnta(b)"

"Bhí siad in a reacht seoil, tá bliadhanta beaga ó shoin, ach tá siad chomh tugtha anuas sin, anois a's nach bhfuil bonn bán aca(b)."

"Ní raibh aon-cheapadh agam gur thuit sé anuas chomh mór sin, sa saoghal."

"Is gearr an mhoill ar dhuine tuitim anuas, ó thosóchas an saoghal a' dul in aghaidh chor a' bith."

"Is mór atá sé anuas thar mar bhíodh sé, agus fágfa an bhliadhain seo bánuighthe uiliog (= uilig) é."

Tugtha anuas = gaibhte in ísle brigh, 'un deire, ar gcúl; 'un tanuidheachan; craithte.

"Is mór a thug sé anuas le goirid" = chuaidh sé 'san ísle-bhrigh; chuaidh sé ar gcúl; d'imthigh an t-ordú dhó; imthighthe as

"Tá'n gamhain sin tugtha anuas, ar fad" = ídighthe, imthighthe as

"Tá sé 'tabhairt anuas, uiliog, le tamall, agus má tá fhéin, nach suarach a' t-iongnadh é, agus an aois atá aige."

"Is mór a thug S. Ó. B. anuas ó chonnaic mé go deireannach é"

"Nuair a chonnaic mise faoi Cháisc é, bhí sé 'na stainníneach le feoil, ach tá sé tugtha anuas uiliog anois."

"Is gearr a bhío(nn)s duine a' tabhairt anuas, ó bhuailfeas a' donacht chor a' bith é."

"Thug sé anuas, agus níor fhan tapa a' bith ann, in imtheacht ráithe."

"Níl ann, ach go bhfuil sé indiaidh 'chéile anois, tá sé chomh tugtha anuas sin." (féach "indiaidh")

"Tá sé teacht anuas sa bhfeoil" = a' snuigheachan, a' tanuidheachan.

"Má thagann sé anuas aon-cheo eile, ní bheidh bior-eanga air" (féach "bior-eanga").

"Is fearrde é 'theacht anuas an méid sin. Bhí sé ro-otruighthe, ro-shéidthe ar fad."

"Sí'n obair atá indon an fheoil a bhaint anuas."

"Siubhlann sé cúig nó sé de mhílte 'chuile lá, agus tá sé 'cínnt air, an fheoil a bhaint anuas ina dheidh sin."

"Tá sé tuithte i bhfeoil ar fad, agus é cínnte air í 'bhaint anuas."

"Tá sí tugtha anuas agus imthighthe as ar fad."

Anuas = íslighthe, saorsaighthe

"Tá plúr anuas, chuala mé indiu" = saorsaighthe.

"I leaba 'theacht anuas, is a' gabhail suas atá chuile mhíle nídh" = "A' daorsú agus ní saorsú atá earraidhthe.

"Tá muca anuas punt a' céad ó'n aonach deireannach."

"Má thagann beithidhigh anuas aon-phighinn eile, bhí sé chomh maith do na daoine leigean astu(b) ar fad" = má shaor-suigheann siad tada eile, bhí sé chomh maith do na daoine eirighthe asta(b) ar fad, agus gan pléidh 'bith 'bheith aca(b) leo(b).

"'Bhfuil cainnt a' bith go dtiocfa bróga anuas aon-cheo go goirid, mar is géar a theastóchadh péire maith uaim, leis an ngeimhreadh seo 'bharraidheacht."

"'Chuile shórt dá mbeidh duine 'cheannacht ag dul suas, agus chuile sórt, dá ndíolfa sé a' teacht anuas!"

"Chuala mé go mbeadh an t-airgead acraí anuas imbliadhna thar mar bhí sé anuraidh."

"Tá sé in am ag a' tobac céadna theacht anuas, dá mbadh leis a theacht anuas go deo."

"Tá sé le cur anuas sa bpinsean" = le'n ísliú.

"Cuireadh scilling anuas sa bpinsean é" = lagadh scilling sa bpinsean é.

"Caithfe tú 'thoidheacht anuas fharrus sin" = caithfe tú an luach a leagan.

"Ní thiocfadh sé pighinn anuas as seacht bpunt, agus dhá réir sin, bhí sé fánach agamsa a dhul a' margaidheacht leis." = ní lagfadh sé pighinn as sheacht bpunt.

"Chuir mé anuas é ó naoi bpunt go dtí h-ocht bpunt coróin, ach chinn orm aon-mhargadh aon-dhéanamh 'leis 'na dheidh sin" = "chuir mé faoi ndeara dhó an luach a bhí sé iarraidh a leagan ó naoi bpunt, go dtí h-ocht bpunt coróin, ach níor chuireamar an margadh igcrích 'na dhiaidh sin.

"Tháinic sé anuas ó chúig phunta dhéag go dtí trí phunta dhéag."

"B'éigin dom a theacht anuas 'san iarratas, ní raibh baoghal orm dhá phunt déag 'fhaghail."

"Chuir sé anuas beagán mé thar mar bhí mé 'iarraidh" = chuir sé faoi ndeara dhom ísliú sa méid a bhí mé 'iarraidh.

"Tiubhra mé abhaile í shul a dtaga mé anuas aon-leithphighinn eile."

"Tá'n mhin-bhuidhe anuas tigh Sh— " = tá sí saorsuighthe ann.

Anuas = a' cur milleáin; milleán a' sroicheadh; sa mullach.

"Tá chuile dhuine anuas ormsa" = tá chuile dhuine sa mullach ormsa = tá chuile duine a' casaoid orm, a' faghail loicht orm; a' cur milleáin orm; a' coireamhaint orm.

"Tá'n máighistir anuas air, faoi nach dteigheann sé 'na scoile 'chuile lá"

"Níl aon-lá ó tháinic sé do'n pharáiste, nach bhfuil a' sagart anuas air, agus shílfeá nach dtugann sé ughdar a' bith dhó."

"Beidh siad anuas orm, mara dtuga mé cuire 'un bainse dóibh."

"Tá siad anuas ar a' mbaile seo, ó'n am ar h-ionnsuigheadh iad ag Bóthar na Coille."

"Níor chumaoin dó 'bheith anuas ormsa, mar ní dhearna mise oirille 'bith air, ach an oiread is 'rinne mé ar aon-duine eile"

"Tá Seán P. anuas orainn, nuair nar thug muid lá seirsighe (r leathan)
dhó, 'san Earrach" = (seirsighe = seisrighe).
"Níl aon-lá ó tháinic cuímne dhom, nach bhfuil sé ar a mbealach
céadna, anuas ar mhuínntir na sráide seo."
"Is deacair milleán a thabhairt dó, faoi bheith anuas ar a' ngrifisc
sin, agus a' bhail a shíleadar fhéin a chuir air, cheana."
"Sin é an sórt duine é — má ghlacann sé fuath dhuit aon-uair
amháin, beidh sé anuas ort, go bráth arís."
"Is mór atá sí anuas ar a' muinntir s'a(g)ainne, faoi nar iarradar
chuig an damhsa í."
"Bíonn 'chuile duine anuas air, agus ní hé is measa go minic."
"Ní bheadh an tír anuas air, marach go bhfuil fáth eicínt leis."
"Bhí siad scathamh in a dhá gcuid déag, ach tá siad fhéin anuas
ar a chéile anois." = "ba dhoiligh cur eatorra(b) scathamh, ach tá'n brachán
dóirtighthe anois."
"Cé'n ciall daoib a bheith anuas ormsa — níor chuir mise tada as daoib?"

Teacht anuas: 'teacht trom; tromadh; leanacht
"Tá siad a' teacht anuas air, faoi'n airgead" = tá siad dhá leanacht; nó
'cur caidéise nó dlighe air, faoi.
"Má thagann an dlighe anuas air, ní fearrde é go luath."
"Níor íoc siad aon-chíos le fada, ach tá ráidhte, go bhfuil an
dlighe le theacht anuas orra(b) anois."
"Níor chuir sé caidéis a' bith air faoi, go ceann i bhfad, ach
tháinic sé anuas air annsin d'aon-iarraidh, agus chuir sé faoi
ndeara dhó, sé scóir a íoc, ar aon-láimh amháin."
"Má thagann siad anuas air anois, faoi na fiacha, fágfa siad in
adhastar an anró ar fad é."
"Tá chuile sórt a' teacht anuas air, in éindigh."
"Foighid ort go dtaga na dligheadóirí anuas orra(b) ar ball, agus ní
fhágfa siad bonn bán aca(b)."
"Is fada iad a' teacht anuas uirre, má's fíor doib fhéin, ach níor
tháinic siad anuas uirre fós."

"Tiocfa an beainnc anuas go goirid air, mar tá'n t-áirleacan caithte aige, le fada."

"Má tá indán's go dtiocfa na gárdaí anuas air, íocfa sé go daor é."

"Bhí sé i gceist go raibh sé le 'theacht anuas ar a chliamhain, agus le na chuid talmhana 'chandáil mara n-íocadh sé an t-airgead leis."

Anuas = de bheith; a' fearadh; a' teacht, a' tuitim.

"Tá'n míádh anuas air" = tá'n díleághadh nó'n tubaiste de bheith air.

"Tá'n tubaiste anuas air, ní dhá roinnt leis é."

"Sé'n catmara atá anuas air."

"Sé'n catmara fhéin atá anuas orainn, nach bhfuil tada ag eirghe linn, ní a' ceasacht ar Dhia é."

"Is fada an lá an clampar anuas faoi mhullach an cheánn céadna" = is fada an lá an míádh nó'n catmara de bheith air.

"Tá'n báilséire críochnuighthe anuas ort."

"Tá'n míádh anuas anois ar a' duine bocht."

"Is fada an lá an díleághadh sin anuas orainn, agus gan aon-neart againn air."

Suas a's anuas [féach na céad shomplaí] = ag iascach; a' maruidh-eacht leis; a' tarraint a bheart go maith, indon bleaghan

"Tá sé suas a's anuas le 'chuile duine" = tá aithne agus eolus aige ar chuile dhuine; tá sé indon 'chuile dhuine a bhleaghan; tá sé in don a' saoghal a bharruidheacht, iascach a dheanamh leis, agus a bheart a tharraingt.

"Cá'il a' té nach bhfuil sé sin, suas 's anuas leis?"

"Pé'r bith cé'n cor a thiocfas sa saoghal, beidh sé sin suas 'sa anuas le chuile dhuine"

"Tá sé suas 's anuas leis a' saoghal."

"Shílfeá nuair a bheadh sé 'cainnt leatsa, gur leat ar fad é, ach, tá sé 'suas 's anuas le chuile dhuine, chomh maith céadna"

"Badh shin é a mbealach sin chuile lá ariamh — a bheith suas 's anuas leis a' bhfear mór."

"Beidh sé suas 's anuas le na strainséaraí, nó's cinneamhaint críochnuighthe air é."

"Tarraing do bheart chomh maith a's fhéadfas tú, agus bí suas a's anuas le 'chaon dream aca(b) chomh maith le chéile."

"Is deacair a bheith suas 's anuas le chuile dhuine, arae ní shásóchadh Dia fhéin, cuid de na daoine."

"Fear é atá indon a bheith suas 's anuas leis a' saoghal deirimse leat."

Suas 's anuas = bordáil, tarraingt air, ionann's, ingeall le; a' sineadh suas le

"Tá sé suas 's anuas le dhá scór ó cailleadh Parnell."

"Tá sé suas 's anuas le chúig bhliadhna fichead anois ó phós mé.

"Níl sé an scór curtha fós, ach tá sé suas 's anuas leis."

"D'fhéadfadh sé 'bheith suas 's anuas le leith-chéad bliadhain anois, ó chuirtí an líon."

"Tá sé suas 's anuas le fiche cloch mheadhchain."

"Indar liom fhéin, go bhfuil Luímneach, suas 's anuas le trí fichead míle as Gaillimh."

"Cheapfainn go bhfuil sé suas 's anuas le ráithe anois, ó leag aon-duine aca(b) cois taobh istigh de'n tairsi(gh) seo."

"Níl sé an céad amach 's amach déarfainn, ach tá sé suas 's anuas leis."

"Tá sé suas 's anuas le bliadhain ó bhí mé thiar anois."

"Mara raibh an céad sáruighthe aige, bhí sé suas 's anuas leis, agus dheamhan pian ná tinneas a bhí air, gur bhuail tinneas a' bháis é."

"Tá sé suas 's anuas le deich mbliadhna fichead, ó caitheadh cleis in aer ar thórruidheachaí 'san áit seo, agus dheamhan a' fearr ar siubhal iad."

"Deir siad go bhfuil fear in Ameriocá agus é suas 's anuas le naoi dtroighte."

Anuas = anall; ó d'imthigh, in imtheacht.

"Le bliadhain anuas, a thug sé uaidh ar fad" = in imtheacht na bliadhna seo caithte, a chuaidh sé 'un deire ar fad.

"Is iomdha cor sa saoghal, le goirid anuas"

"Níl mé ar foghnamh cor a' bith le seal (le scathamh, le tamall etc) anuas."

"Le bliadhanta beaga anuas, is mór a' mhaith a tháinic ar a' saoghal."

"Chomhnuigh sé annsin, le suim achair bliadhanta anuas."

"Le suim achair anuas, is mór a bochtuigheadh iad."

"Níor cuireadh aon-duine sa roillic sin, le na cianta anuas, anois."

"Ba mhór igceist buailidheacha, tamall, ach h-eirigheadh as ar fad, le mo chuimhne-sa anuas."

"Ó'n am sin anuas, níor tugadh aon-turas san áit sin."

"Le mo chuimhne-sa anuas, ní raibh cead a gcinn, ag tighearnaí mar 'bhí roimhe sin."

"Ó shoin anuas, níor imir mé fhéin aon-chárta, ó bhainfeadh sé an dó dhéag."

"Ní raibh aon-imtheacht ann anois, le saoghal a's aimsir anuas."

[féach "imtheacht"]

"Caitheadh an cheird sin de leithrigh, le fada an lá anuas."

"Níor facthas aon-chúlógaí ag bainseachaí anois, le achar anuas."

"Tá sé buailte síos aríst, le ceathair nó cúig de laethanta anuas."

"Ní dheacha mé 'cuartaidheacht anois chor a' bith le cupla oidhche anuas."

"Ní raibh na Caitlicigh faoi mheirse anois, ó aimsir O'Connell anuas."

"Tá siad a' comhnughadh san áit sin, anuas ó aimsir Chromail" = ó aimsir Chromail.

"Tá'n mianach sin sa tír seo ó Éabh anuas (nó anall)" = tá an dream sin daoine sa tír seo ariamh sa saoghal."

"Níor tháinic aon-fhear mar é ó Pharnell anuas"

"Tá'n creide(amh) Caitliceach in Éirinn, anuas ó aimsir an Naomh Pádraig."

"Tá'n talamh ag na daoine ó'n "Land Laigue" anuas."

Anuas = amach, ó shoin;

"Níl aon-Sasanach ó Chromail anuas, nach mara 'chéile atá."

"Tá chuile dhuine sa teach ó'n athair anuas, mara 'chéile" = ó'n athair amach.

Anuas amach = an-fhada suas, nó ó thuaidh.

"Anuas amach as Uachtar Árd é." = tá Uachtar-Árd — an áit ar b'as é — an-fhada suas (nó ó thuaidh) as seo.

"Ar tháinic tú anuas amach indiu?" "Is maith 'shaothruigh tú é, má b'éigin duit a theacht anuas amach."

"Tháinic mé anuas amach as Gleann an Fhiadha."

"Bhí go leor daoine anuas amach ann" = i bhfad as láthair (ó thuaidh)

"Is mó a tháinic anuas amach, ná bhí de dhaoine aitheantais ann."

"Ní fhéadfá gan ocras a bheith ort, má tháinic tú anuas amach anois."

Anuas = mar bhriathar.

"Anuas leat as sin!" = teara anuas as sin.

"Anuasaighidh lib (anuasaigidh) go beo" = tagaidh anuas.

"Anuas leis an bóithrín agus teannadh leis."

"Anuasaighidh lib 'uig an teine, 'uig an dinnéar etc."

Aogall = áthas, glionndar, ríméad, bród, lóchrann croidhe.

[Aoibheall? dearbh-námhaid > dearg-námhaid. doirbh > doirg.

aoibheall > aogall. B'fheidir gurab é an t-athrú urlabhruidheachta sin

is cionntaighe leis].

"Tá aogall ar mo chroidhe" = tá bród, glionndar, nó athas orm.

"Níor cuir aon-cheo ariamh aogall ar mo chroidhe mar chuir a' méid sin."

"Chuir sé aogall ar mo chroidhe é 'fheiceál a' dealú leis uainn

ar fad."

"Ní fhaca tú an oiread aogaill ar aon-duine ó cruthuigheadh tú, a's bhí

air, nuair a chonnaic sé an méid sin ag eireachtáil dom."

"Tháinic aogall orm, nuair a chonnaic mé dhá liúradh é."

"Tiocfa aogall leis an olc ar a' gceann céadna" = dhéanfadh sé

gáiridhe leis an olc; glionndar a chuirfeadh lear na comharsan air.

"Cé'n t-ughdar aogaill atá agad anois?" = céard é fáth do ghlionndair?

"Is beag a' rud a chuirfeadh aogall ar pháiste."

"Bhí aogall a's fonn gáiridhe orra(b)."

"Rud de'n tsórt sin a chuirfeadh aogall air, ceart go leor."

"Badh aogall ar mo chroidhe an giodán talmhana sin a bhaint amach

aríst."

"Bhí aogall eicínt indiu(bh) air, rud ab annamh leis."

"D'aithneochthá air go raibh aogall air, a's chomh geal-gháireach a's 'bhí sé."

"Má bhí aogall air faoi, níor leig sé amach liomsa é."

Aoibhinn: méa(n)ra, buac, breagh, áluinn. [Ní baintear leas as a bhfocal seo as éadan, faoi chomhair 'chuile rud. Ní chloisfeá leaganachaí de'n tsórt seo: "is aoibinn a' rud é"; "is aoibhinn a' leabhar í etc." Le aimsir, saoghal agus na Flaithis, is mó a thagas sé i gceist.

"Is aoibhinn a' lá é, buidheachas do Dhia!" = lá meirbh áluinn.
"Is aoibhinn an aimsir í, le coicís anuas!"

"Nach h-aoibhinn Dia dhuit, má bhíonn tú ag imtheacht as seo!" = nach méa(n)ra dhuit. "Is aoibhinn Dia dhó, agus a' saoghal atá aige."

"Is aoibhinn Dia do dhuine 'bith, nach bhfuil ag éisteacht léithe sin istigh a' cocaireacht agus a' sciolladóireacht dhá cheann de'n ló."

"Is aoibhinn Dia do dhuine 'bith a fhéadfas dealú leis, as an áit bhrocach, bhróthach seo."

"Is aoibhinn Dia dhi, agus a bhfuil d'airgead aice."

"Nach aoibhinn duit, a bheith 'fanacht ó'n scoil!"

"Nach aoibhinn duit, a bheith 'g (dh)ul go Sasana!"

"Is aoibhinn do dhuine 'bith a d'fhéad a dhul go Ameriocá, chúns bhí cead a dhul ann, (fh)arrus a bheith fágtha in a 'mbáis' annseo."

"Is aoibhinn do dhuine 'bith a fhéada(nn)s an oidhche a chodladh."

"'Tiocfa long an óir; tiocfa an tóir 'na diaidh tiocfa cogadh an dá Gháll go h-Éirinn, agus is aoibhinn do'n té bheidheas beo 'na diaidh'" (rann tair(n)gearachta)

"Is aoibhinn do'n té nach bhfuil in a dtuilleamuidhe."

"'Is aoibhinn muise'. Dá mbeadh fhios agad!"

"Is aoibhinn dó. Is maith an mhaltraid aige é!" = duine gheobhfadh bás, agus cheapfaidhe dhó go raibh sé 'sna Flaithis.

"Is aoibhinn dó!" = tá sé 'sna Flaithis.

"Is aoibhinn dó. Ní raibh aon-pheacadh air."

"Tá sé ar shlighe na fírinne, agus is aoibhinn dó, le congnamh Dé!"

"Mara n-agruighe Dia a pheacaidhe air-sean, is aoibhinn dúinne" = mara gcuire Dia peirfhiachaí air-sean, rachamuide go Flaithis.

"Is aoibhinn dá anam anocht, agus is geal é a lóistín i bhFlaithis Dé."

"Is aoibhinn do dhuine 'bith a' dtiocfa sé 'na bháisti(gh) air, agus é dhá chur."

"Is aoibhinn do'n té a gheobhfas bás ola agus aithrighe."

"Is aoibhinn do'n té 'gheobhfas sagart ar uair a bháis."

"Is aoibhinn dó. Chuir dia fios air."

"Is aoibhinn di. Thug dia 'uige fhéin í."

"Is aoibhinn dó anois, agus a bhfuair sé de chrácamus ar a' saoghal seo."

"An té gheobhfas anró agus amhgar ar a' saoghal seo, is aoibhinn dó sa gcéad saoghal eile"

"Ní h-aoibhinn d'aonduine, nó's aoibhinn dó-san, sa gcéad-saoghal eile agus 'fheabhas a's tá sé a' saothrú an tsaoghail seo."

Aoibhinn aerach (sa bhfilidheacht): "Is aoibhinn aerach ar taobh a' tsléibhe, a' breathnú síos ort a Bhaile Uí Liagh" (Máire Ní Eidhin, Rafteri)
"B'aoibhinn aerach na ba a' géimneach"
ar thamhnóig réidh úd, Thoraidh (Dhoraidh?) Bhríain" (Thoraidh Bhriain — sean-amhrán)
"B'aoibhinn aerach ar dtriall le chéile, ar ghleanntáin sléibhe a's ar thulaigh fraoigh."

Aoibhinn áluinn [cuirtear a' dá fhocal le chéile]
"Is aoibhinn, áluinn a' lá é."
"Is aoibhinn, áluinn í an fhairrge indiu."

Aoibhneas: buac duine; áilneacht; sámhas, su(a)ímneas.

"Go dtuga dia aoibhneas na bhFlaitheas dhá anam!"
"Go dtuga dia aoibhneas síorruidhe dhó!"
"Ní aoibhneas go dtí é!" = ní sámhas go dtí é.

Aorthann = féar maith caithrighthe láidir a d'fhásfadh i dtalamh
láidir tirm. Is minic nach dtugtar ar aon-chineál amháin féir chor
a' bith é, ach go mbeadh dú nae trí ('dhó nó trí) de chineálachaí thrídh na
chéile, ach fás maith agus caithriú 'bheith déanta aige.

"Thiocfá go muinéal in aorthann ann."
Féar aorthannach atá ann, agus tá sé an-chairighthe amach."
"Tá'n féar aorthannach sínte." "Thiocfá go muinéal in aorthann ann"

Arach: ar éigin 's ar arach (Achréidh) = ar iodhain ar éigin.

"Ar éigin 's ar arach a d'imthigh sé chor ar bith" = ar íodhain ar
éigin a d'imthigh sé chor a' bith"
"B'ar éigin 's ar arach a ceannsuigheadh an capall chor a' bith"
"B'ar éigin 's ar arach a chuir mé foighid ann, nó go n-ionnsuigheadh
sé é.
"Ar éigin 's ar arach a sheas mé le na doightheacha chor ar bith
an tseachtmhain seo."

Aragánta (argánta?) = meargánta, olc, anglánta, asalánta.

[Cialluigheann na focla sin ar fad mórán an rud céadna = braon a bheith induine. Níl aon-ainm-fhocal freagarthach dó]

"'Sé atá aragánta." "Is argánta an mac é"

"Ná cuir ceist a' bith air, mar tá sé an-aragánta."

"Fear sáthach aragánta é, má fhaghann sé ughdar a' bith."

"Níl aon-áirde le tabhairt air, arae, tá sé dubh-aragánta."

Arann = éitir, brigh, spreacadh, teacht aniar, mothú, tapa (tapuidheacht)

"Níl mothú ná arann ann" (Conamara — cuirtear an dá fhocal le chéile annsin "mothú" agus "arann", ach má deirtear ceann acu as fhéin, 'sé "mothú" é i.e. "níl aon-mhothú ann". 'Sé a mhalrait ar an Achréidh é.
Ní chloistear "mothú ná arann", ná "níl aon-mhothú ann" annsin. "Níl aon-arann ann" adeir Muinntear an Achréidh agus tá ciall níos leigthe leis ná faoi Chonamara]. "Níl mothú ná arann ann" = tá a mheabhair caillte aige, mar bheadh duine 'mbeadh meirbhthean air, duine a bheadh ar meisce, duine bheadh in achar an anama nó a shamhail.
"Níor fhan mothú ná arann ann ar a' toirt."
"Bhí sé caithte ar a' mbóthar gan mothú gan arann."
"Níor fhága an t-ól mothú ná arann ann."
"Tiubhra mé iarraidh dhuit, nach bhfágfa mothú ná arann ionnad."
"Is fada a chaith sé gan mothú gan arann." "Ba beag a' dochar dó 'bheith gan mothú gan arann, agus a' gleáradh buailte fuair sé."
"Níl mothú ná arann ann indiu, agus tá'n aithne imthighthe uaidh."
"Bhuail míabhán sa gceann mé, agus shíl mé nach bhfanfadh mothú ná arann ionnam."
[Mothú = a bheith in araidheacht rudaí a thabhairt faoi deara agus a thuiscint.
Arann = mar atá tuas.]
"Níl aon-arann ann" (Achréidh) = níl aon-bhrigh, spreachadh, éitir ann.
"Níor fhan arann a' bith ann le goirid." "Níl a' t-arann ionnamsa saothar mar sin a dhéanamh anois." "Chomh fada 's bhí arann a' bith ionnam, theighinn i gcoinne an phinsean."
"Chomh fada 's bhí éitir ná arann a' bith sa duine bocht, tharraingigheadh sé ar a' teach ósta, agus badh é an 'trumpa' é."
"Tá a chuid arann ar iarraidh anois" = níl, agus ní bheidh aon-spreacadh ann.
"Tá sé as arann uiliog le goirid" = níl aon arann ann.
"Níl arann a' bith fanta ann, le scathamh."
"Is mór a d'imthigh an t-arann as le bliadhain anuas"

Araoid [Ní fhéadaim an focal seo a fhaghail i bhfoclóir an Duinnínigh, aindeoin gur focal rí-choitceannta, amach 'sa amach é igCois-Fhairrge].

Araoid = ceist, caidéis, cleite comhrádha ná achrainn; bleid.

"Ná cuir araoid a' bith air" = ná cuir ceist, caidéis, bleid ná eile air.

"Is beag an araoid a chuirfeadh sé ar aon-duine eile, ach gur airigh sé mise faoi na neart."

"Duine dána a chuirfeas araoid a' bith ar shagart: déanaidís a mbealach féin."

"Ní fhéadaim a' bóthar a shiubhal, nach gcaithfe sé araoid a chuir orm."

"Má ghlacann tú comhairle an duine doscúdha(igh), ní cuirfe tú araoid beag ná mór air."

"Fainic a' mbeadh an oiread de chathú ort, a's go gcuirfeá araoid a' bith uirre sin, dubh bán ná dubh buidhe: tá droch theanga aice le na tarraingt ort."

"Ní hé an ribín réidh é an buachaill siúd le araoid a' bith a chuir air" = "is olc an ailím é le araoid a' bith a chuir air."

"Is mairg dhuit a chuaidh a' dréim le araoid a' bith a chuir air."

"Beidheamuid reicthe aice siúd, má cuirtear araoid a' bith uirre."

"B'fhearr dhuit pian in do bholg ná araoid a chuir ormsa"

"Is beag an araoid a chuir me air, ach cá'r fhága tú an t-anglóir i gcomhnuidhe."

"Ná cuir ceist ná araoid air; má tá suim in do shláinte agad."

"Nach mór a chaithfidís araoid a chuir air, ach an oiread le scéal."

"Níor chumaoin d'fhear na tíre seo araoid a' bith a chuir ar fear a' tsléibhe, mar is fada go gcuirfeadh seisean aon aithríd air."

"Níor chuir mé a leath-oiread sin araoid air."

"Ar chuir sé aon-araoid ort, faoi'n bhfeamuinn a thóigeál (= thógáil)

"Níor chuir sé a dhath araoid orm, agus ní mór dhó fhéin nar chuir."

"Nach maith gur ort a chaithfeadh sé araoid a chur, (fh)arrus a bhfuil eile 'teacht ann."

"Chuir na póilíos araoid eicínt air, ach fuair siad beagán sása(imh)."

"Má tá fúib araoid a' bith a chuir air, is fhearr bruicneáil cheart a thabhairt dó."

"Is beag araoid é sin, ar aonduine" = "is beag é 'araoid ar aonduine."

"Má chuireann sé aon-araoid ormsa, gheobhfa sé rud ar a shon."

"Dhá dhonacht sa diabhal a gcáil, leigfidís thart gan araoid thú, ní hé sin do na baca(igh) eile é."

"Scaoil sé thart mé gan araoid a' bith ó dhia anuas."

"Níor chuir sé aon-araoid orm, ach níor thug mé 'ughdar ('adhbar, a dheis etc) dhó."

"Níor dhubhairt mé drúcht ná báisteach leis, agus nach maith a chaithfeadh sé araoid a chuir orm 'na dheidh sin."

"Is mór an araoid a chuir tú air, go deimhin!"

"Má chuireann sé araoid a' bith ormsa, ní bheidh aige ach malrait."

"Ar chuir an gamhain aon-araoid ort." "Má chuireann an mada sin thíos ag M. B. aon araoid ormsa, feasta, déanfa mise scéala air do na póilíos."

Araoid = (ii) gnaithe; saothar; áird [Rosmuc — níl an chiall seo igCois-Fhairrge]

"Th'réis an talamh a shocrú, a's a thriomú, 'sé an leasú a bheas cóireamhail
do'n chúlán, atá siad le chur an bhliadhain sin, a gcéad araoid eile."
["Obair a's Luadhainn — l. 74. Colm Ó Gaora.]

Aoirde: = a bheith árd nó mór nó crochta (ainm-fhocal)

"Léim ar aoirde" = léim árd. [Léim ar aoirde tugtar air in Iarthair Chonamara, ach léim árd i gCois-Fhairrge]
"B'fhearr dhuinn a dhul a' caith(eamh) léim 'ar aoirde."
"Bhí siad a' caith(eamh) léim ar aoirde."
"Ní raibh léim ar aoirde 'bith ann."
"Níl aon-ghoir agamsa air le (ag) léim ar aoirde."
"Níl cinneadh 'bith leis a' caith(eamh) léim ar aoirde."
"Is ait uaidh léim ar aoirde a chaith(eamh) (a ghlanadh).
"Tá sé indon sé troighthe de léim ar aoirde a chaith(eamh)."
"Níl tolgán a' bith air, chúig troighthe de léim ar aoirde a ghlanadh."
"Thug sé léim ar aoirde" = "chaith sé léim ar aoirde."
"'Sé 'bhuach an léim ar aoirde."

"Tá sé chúig troighthe ar aoirde."
"Bhí an claidhe sé troighthe ar aoirde go maith."
"Tá speiricín a' tseipéil an-aoirde" (an-aoirde ó thalamh).
"Tá'n teach sin (a' duine sin etc) an-aoirde."
"Is áidhbhéil an aoirde é (nó, atá ann) bail ó dhia air."
"Tá troigh go leith d'aoirde aige orm, gan stróbh."
"Tá an cloigeann d'aoirde ag Seumas ar Sheán."
"Cé'n aoirde atá agad ormsa?"
"C(omh)-aoiseacha iad, ach tá aoirde mhór ag Mac Sheumais air, ina dheidh sin."
"Níl sé aoirde póilidhe" = níl sé chomh h-árd a's is call do phóilidhe a bheith.
"Ní ghlac(f)aidhe 'sna póilíos é, mar níl sé an aoirde, ná fhoisceach' trí h-ordlaigh dhó."
"Thríáil sé an t-arm cheana, ach ní raibh baol a' bith air a bheith 'san aoirde."
"Níl sé in aoirde saighdiúra." "Céard é aoirde póilidhe anois."
"Ní ghlac(f)aidhe 'sna póilíos é, mar tá sé faoi'n aoirde."
"Is beag faoi'n aoirde é, ach a' méid sin fhéin, cuirfe sé as é."
"Shílfeá gur diabhaltaidhe an forránach fir é, ach tá sé faoi'n aoirde ina dheidh sin."

"Is áidhbhéil an aoirde nach mór dhuit a bheith le go nglac(f)aí 'sna póilíos thú."

"Níl tú ins an aoirde cheart do na saighdiúir."

"Níl sé in aoirde fir fós." "Tá sé a sháith aoirde."

"Ní fhaca mé aon-ghiota fir ariamh in 'aoirde fhéin chomh maith leis."

"Níl aon-fhear eile in aoirde fhéin sa bparáiste a bhuailfeadh faoi é."

"'Sé atá 'san aoirde cheart" = "tá sé díreach chomh h-árd a's ba cheart d'fhear a bheith (nó chomh h-árd a's d'fheilfeadh le h-aghaidh an ghnotha atá i gceist.)

"Tá sé do dhá aoirde-sa", "tá sé t'aoirde go leith."

"Tá aoirde mhór agamsa air." "Is beag aoirde atá ag Cáitín uirre"

"Bhí sí aoirde Shiúbháin in aois a trí bliadhna déag, slán a' tsamhail ag Siubhán é!"

"Bhí sé in m'aoirde-sa in aois a cheithre bliadhna déag, slán a' tsamhail agamsa é."

"Tá sé in a shlait le aoirde" = an-árd ar fad.

"Tá sé thar aoirde póilidhe" = níos mó ná's call do phóilidhe a bheith.

"Ní thiocfa aon-aoirde choidhchin air, thar mar tá air anois."

"Níor tháinic ionga ná ordlach d'aoirde air (a dhath aoirde, pioc aoirde etc) le dhá bhliadhain."

"Hebrí (= pé'r bith) cé'n aoirde atá air anois, caithfe sé 'déanamh leis" = ní mhéadócha sé níos mó."

"Tá aoirde tugtha" = "tá bhiseach tugtha" = "ní mhéadócha sé níos mó."

"Tá a chuid aoirde ar iarraidh anois" = "ní thiocfa níos mó aoirde.

"Mar bhfuil aoirde ann, ní le óige é."

"Ta aoirde mhór air (tháinic aoirde mhór air; rinne sé aoirde mhór) ó chonnaic mé go deireannach é."

"Níl aoirde 'bith ann" = duinín beag é.

"Mara dteaga aon-cheo eile aoirde air, beidh sé ina staicín fearacht 'athar."

"Tá sé ó aoirde anois. Is fada an lá bhí chuid aoirde tugtha aige"

"Fear in m'aoirde féin é" = chomh h-árd liomsa.

"Fear talmhuidhe, tuairim's in t'aoirde fhéin é, ach go bhfuil sé níos téagarthaighe ná thusa" (féach talmhuidhe)

"Ní thiubharfá mórán sunntais dhá chuid aoirde" = níl sé ro-árd.

"Ní cuid sunntais a' bith a aoirde."

"B'fhéidir go dtiocfadh sé in aoirde fós" = go méadóchadh sé fós.

"Ní dhéanfa sé níos mó aoirde 'réir a chosamhlacht'."

"Shíl mé nach raibh an oiread aoirde ann leatsa."

"Bhfuil an oiread sin aoirde ann. Ní chreidfeá é len' fheiceál."

"D'aithne(ochth)á ar 'aoirde é" = is furast aithint' ar aoirde é" = "bheadh fhios agad cé hé, agus chomh h-árd a's tá se.

"'S furast aithne ar aoirde, go bhfuil sé láidir."

"Tá aoirde thairis sin ionnam" = "is aoirde mé ná cheapa(nn)s tusa."

"Níl aoirde páiste ann. Bunastáinín beag é."

"Shílfeá go mbadh cheart do luisneachán atá in' aoirde a bheith spreacamhail thar mar tá sé."

"Is gearr le dhul a chuid aoirde, má fhaghann sé siúd greim isteach air. Brughfa sé 'cheithre cnámha ar a chéile."

"Chuaidh sé in aoirde le goirid." "Is diabhaltaidhe an borradh atá faoi. Tá sé a' dul in aoirde 'chuile lá." "Tá'n oiread eile aoirde ionnad ó chaith tú dhíot na bristí glúnach."

"Is fadó an lá anois, nach ndearna sé aon ionga aoirde, maran anáil ghabhair a' bith a chuir Muinntear Bh. na mB- faoi."

"Tá (f)earr a's barr aoirde ann ó d'imthigh sé ar an Achréidh"

"Bhí sé in 'aoirde mara ag a sé" = in a thuile; in a lán mhara.

"'Bhfuil sé in aoirde mara fós?" "Is maith 'n scath(amh) fós go mbí sé in aoirde mara"

"Ba dhiabhaltaidhe na maoidhmeanna bhí ann le aoirde mara trathnóna."

"Bhí béal na trágha uiliog coipthe le aoirde fairrge anocht" = aoirde mara.

"Tá sé ina aoirde láin anois" = in a bhárr-lán; ina lán-mhara in a thuile; in a aoirde mara.

"Mara mbí aon-tsop isteach le aoirde láin trathnóna, ní thiocfa aon-fheamuinn dearg ar a' ngairbhshion seo."

"Tá aoirde crann báid de shalachar ar do mhuinéal" = go leor
salachair; é calcuighthe ar do mhuineál.
"Tá aoirde crann báid de shalachar is 'chuile áit istigh faoi chaolach
a' tighe."
"Tá aoirde crann báid de neanntógaí amuigh 'san iothlainn" =
tom árd neanntóg.
"Tá flith-aoirde crann báid ar a' gcúilín thoir de'n ghort."
"Tá airde mo ghualann is chuile ghiosadán dhá bhfuil sa gceapaichín
phlanndaí atá aige."
"Tá 'chuile bhuinneán de na "meaingeals" sin
aoirde mo chloiginn" = tá siad chomh h-ard liom fhéin in áit
ar rith siad.
"Tá aoirde mó ghlún is chuile eireoig dá bhfuil aice."

Aoirde = (aidiacht)

"Is aoirde Seán ná mise etc."
"'Sé is aoirde aca(b) ar fad" (i bposta)
"Tá'n posta is aoirde 'san ospuidéal aige."
"'Sé'n cnoc is aoirde igConamara é sin."
"Caithfe sé igcomhnuidhe an phighinn is aoirde a bhaint amach ar chuile shórt
= an phighinn báirr.
"Ní dhíolfa sí siúd tada gan a' phighinn is aoirde a fhaghail." = airgead mór.
"Is aige bheidheas an phighinn is aoirde igcomhnuidhe" = 'sé is daoire a
leanfas thú faoi 'chuile shórt." "Pighinn bairr."
"'Sé chuir an phighinn ab aoirde an gamhain" = 'sé is mó 'thairg air.
"Is beag a' baol uirre siúd, é 'chuir an phighinn is aoirde."

"Ní dhearna mé ariamh níos aoirde ná beannú dhó" = bheannuigh mé
dhó, ach sin é an méid; ní raibh mé a' cainnt ariamh leis thairis sin.
"Níor chuir mé níos aoirde ná sin d'araoid air" = sin é ar
chuir mé d'araoid air.
"Níor dhubhairt mé níos aoirde ná sin leis, ach chreidim nar bheag
(dh)om sin."

"Ná cuir níos aoirde ná sin de cheist air, má ghlacann tú mo chomhairle-sa" = ná h-abair níos mó ná sin leis.

"Ní dhearna mé níos aoirde ná sin, a's thugadar 'un cúirte mé ina dheidh sin."

"Níor chuir mé aca(b) (= chucu) ná uatha(b) níos aoirde ná sin, a's bhíodar le buile chuthach liom."

"Níor dhubhairt mé drúcht ná báisteach léithe, níos aoirde ná iarraidh uirre gan a cuid beithidheach a leigean i mbraduighil orm, a's d'eirigh sí 'na coilichín agam 'na dheidh sin."

"Níor labhair mé ariamh níos aoirde ná trí fhocal cainnte leis."

"Ní fhaca mé ariamh an ceann céadna tíos (= níos) aoirde ná uair nó dhó."

"Ní raibh mé ariamh in Uachtar Árd, níos aoirde ná uair amháin, a ndeacha mé ar aonach ann."

"Níor thaobhuigh mé an teach aice ariamh ó shoin níos aoirde ná uair nó dhó."

"Is beag an áirde atá aige sin ar a' bhfaoistean, níos aoirde ná uair nó dhó gach bliadhain."

Árd = (ainm-fhocal) = áit chrochta, alt, carcair, tulach, cnoc, mám. An-choitciannta in ainmneacha áiteach go h-áirid ar bhóithrí. Ní go minic a tugtar é ar chnocáin in garrdhantaí ach le iad a chuir igcoimhmheas le ísleáin, nó leis a' talamh faoi gcuairt. Ach ní abruightear aon-uair, go mbeadh cnoc, ná cnocán sa mbóthar. Árd, alt, carcair, trosca, máimín adeirtear. 'Séard adeirtear le ainmneachaí áiteach ar bhóithrí freisin — Árd Throsca na gCapall, Árd na Bántruinne, Árd Dhoire Locháin, Árd Iothlainn Shéamuis, Áirdín a' Bóthair, Árd Chnocán na gCeirteachaí (Cnocán na gCeirteachaí atá ar an áit féin, ach cuirtear isteach Árd, faoi go bhfuil sé sa mbóthar), Áirdín a' Diomalla, an t-Árd Mór, Árd na Críche Duibhe, Árd Chloch a' Tortáin, etc.

"Tá an-árd ann (dubh-árd, scoth-árd maith, etc)
"Tá árd sa mbóthar ann."
"Ard géar go maith é." "Sé'n t-árd is géire ar bhóithrí é."
"Ní chreidfeá go bhfuil áirdín a' bhóthair chomh géar, go mbeitheá leath-bheala(igh) in 'aghaidh."
"'Sé díol a' diabhail é Árd Bhearna le géireacht."
"Tá caitheamh le fána mór (ceann le fána mór) in Árd Bhearna."
"Ag dul síos Árd Dhoire Locháin a bhí mé a's é 'déanamh lae."
"Tháinic sé anuas a' t-árd agus teannadh leis (faoi)."
"Níor fhága áirdín a' diomalla, dhá laghad é, tada in mo chomhnuidhe ionnam."
"'Sé do chloch-neart an 'bicycle' a chur in aghaidh Árd a' Tighe Mhóir."
"Chinn uirre an t-ualach a thabhairt in aghaidh an aird."
"Chlis capall Sheumais in aghaidh an aird" = ní raibh sí indon a' t-ualach a tharraingt in aghaidh an aird.
"'Sé sean-eire capaill a' bith, tonna a thabhairt Árd Bhearna."
"Ní gan í gan ó, a dhul in aghaidh an aird sin." (aird = foghar oyaird)
"Tá a theach ar an árd." "Go mbadh teach ar an árd do theach!" (mallacht — bheadh teach ar an árd feiceálach, agus gheobhfadh chuile dhuine caidéis

dhó). "Is olc an éadáil a' t-árd seo ag putógaí falamha."

= is deacair do dhuine bhfuil ocras air a dhul in aghaidh.

"Ar éigin a sháruigh mé suas a' t-árd" = ar éigin a bhí mé indon a dhul in aghaidh.

"Rinne mé puca dhe leath-bealaigh suas a' t-árd" = scoth mé é, nó bhuail mé amach é, ar rothar, ar chapall etc.

"B'éigin dó tuirlingt in ucht an aird" = b'éigin dó ísliú (de'n rothar, de'n chapall etc.) 'san áit is géire, nó is mó 'bhfuil dronn amach ar an árd."

"Ní raibh sé in don a dhul thar uchtóig an aird."

"Ní dhéanfa mé mullach an áird, (bárr an áird, ceann an aird druim an aird etc) choidhchin" = ní bheidh mé indon mullach an aird a shroicheachtáil.

"Dhá mbeadh a' t-árd seo dhíot (thart, caithte agad, bailighthe maoluighthe etc), ní aire(ochth)á an chuid eile de'n aistir."

"Bhailigh sé soir a' t-árd, mar bheadh Dia dhá rádh leis."

"Ní bhfuair sé craith(eadh) a' bith an 'bicycle' a chur in aghaidh an aird."

"Tá capall aige, nach bhfuil tolgán a' bith aice, chúig chéad fhichead, a thabhairt aníos a' t-Árd Mór."

"Ní árd géar é, ach tá tarraingt mhór ann" = níl aon-fhánán mór ann, ach is árd an-fhada é.

"Maran árd géar fhéin é, tá sé ag eirghe in t'aghaidh i gcomhnuidhe."

"Tá a theach in áit aerach ar mhullach an aird."

"Tá an-fheiceál ag duine soir amach ó bharr an aird" = d'fheicfeá soir ar fad ó mhullach an aird.

"Tá amharc agad siar uiliog go léireach, ó dhruim an áird = d'fheicfeá siar uile go léir ó mhullach an aird.

"Marach a' tsíorruidheacht a bhí ionnam, ní dhéanfainn a' t-árd chor a' bith" = marach a' seasamh, nó'n teacht aniar a bhí ionnam chinnfeadh orm a dhul in aghaidh an aird.

"Shrian sé soir a' t-árd bog, te" = chuaidh sé soir a' t-ard faoi shiubhal, agus é de rún aige, a dhul in áit, nó rud eicínt

áithrid a dheanamh.

"Bhí gearradh faoi ag (d)ul le fána an aird."

"Tá'n bóthar faoi mhion-áird uiliog" = tá an cuimse árd beag ann. [Mion-árda freisin — iolraidh — aird nó árda]

"Níl aon-árd mór ann, cé's moite de Throsca na gCapall, ach sháróchadh na h-áirdíní beaga thú."

"Áird uiliog é an bóthar céadna" = tá sé faoi áird ar fad.

"Tá siad leis an árd a bhaint as" = é 'dheanamh cothrom leis an ísleán.

"Bliadhain na n-Árd" = roinnt bliadhan ó shoin leig an Riaghaltas airgead amach le na h-árda a bhaint as bóthar Chois-Fhairrge, "Bliadhain na n-Árd" a thugtar ar a' mbliadhain sin ó shoin.

"Tá sé i gceist go mbainfear na h-árda uiliog as Bóthar na Gaillimhe anois."

"Tá'n gleann líonta aca(b) anois cab ar cab leis an áirdín." = tá siad cothrom.

"Bainfe an t-árd sin siar asad é" = "tiubharfa sé fuighleach le déanamh dhuit a dhul in 'aghaidh."

"Bhí sé sa tair(n)gearacht go mbeadh a' gleann chomh mór leis an árd" (nó cnoc is iondamhla bheith ann) = go mbeadh an duine bocht chomh maith leis an duine saidhbhir, nó nach mbeadh bocht ná saidhbhir ann, ach mar a' chéile.

"D'fhéach a' t-árd amach é" = thug sé é; níor fhága sé tada in a chomhnuidhe ann.

"Ní raibh puth dhá anáil aige indiaidh an aird."

"Ní raibh tada le reic agam uaidh, agus muid ar bharr an aird."

= bhí sé ionann's suas liom.

"Bhí sé sáthach séidthe de bharr an áird."

"Bhí congnamh maith de'n árd déanta aice, nuair a thug sí uaithe"

= capall a chlis ag dul in aghaidh aird.

"Ba bheag le ag bun an aird a bhí mé nuair a scothadar mé."

= "ní mórán le go raibh mé ag bun an aird, nuair a chuadhadar tharm amach."

Árdán = cnocán, tulach, talamh crochta, ard i mbóthar.
(Ní go minic a baintear leas as sa gcainnt).

"Tá árdán sa ngarraidhe" = cnocán.
"Seas ar an árdán údaidh thiar, agus glaoidh 'na ndinnéar orrab."
"Is mór a' t-árdán atá sa mbóthar annsin."
"Ní fhéadfá an t-árdán garbh sin a chur."
"Tá árdán maith ann."
"'Tá mo theach ar an árdán a's a dhá cheann sa ngaoith a's cead rinnce ar na bóithrí le stóirín mo chroidhe'"
[Sliocht as "Taobh thall de'n Chlaidhe Teorann"].
"Tá leath-árdán maith ann" = leath-árd, nó árd réasúnta.
"Scoth-árdán mór go maith é" = tá'n t-árd mór go maith.

Áirdín = árd beag; ailtín, tortán. (sa mbóthar).
(Féach "árd" l. 1, 2, 3.).

"Áirdín do chúil" = an áit a bhfuil corr amach air as cionn cuince do mhuiníl, ar chúl do cinn, siar ó uain do chinn.
"Bhuail sé isteach ar áirdín a' chúil mé."
"Sé'n áit a bhfuair mé an chloch ar áirdín a chúil."
"D'eirigh Dia liom gur ar áirdín a' chúil a fuair mé í, agus nach ar uain mo chínn."
"Airighim pian in áirdín mo chúil, ach tháinig mé as (i.e as an tromfhásc nó'n troid, nó'n timpiste) saor go leor."
"Tá sí lomta suas go dtí áirdín a' cúil" = tá sí bearrtha go dtí áirdín a cúil suas.
"Sé'n faisean atá ag gearrchaileadha anois, iad fhéin a bhearradh suas amach go dtí áirdín a' chúil."
"Mara dtuga tú rí-aire dhuit fhéin, buailfe mé isteach ar áirdín a' chúil thú."
"Tá áirdín a chúil chomh géar le barr-speile" = caithte, agus gob amach air.

Árd: "Tá árd in a dhruim" = sórt cruite,

"Tá árd ins a' teach" = áit a mbeadh pluic amach ar

thaobh a' tighe.

Árd = aidiacht nó dubh-bhriathar

Árd indiaidh ainm-fhocail.
"Tá sé dhá mhíle go h-árd" = "tá sé dhá mhíle go maith" = tá sé cuid mhaith le cois dhá mhíle.
"Tá sé sé mhíle go h-árd as seo go Bearna."
"Bhí mo mhuic-sa deich gclocha go h-árd. Níl fhios agam nach mbadh goire d'aon-chloich dhéag í."
"Scrománach mór diabhalta é. Tá sé na sé troighthe go h-árd."
"Níl na sé bliadhna déag sáruighthe fós aige, agus tá sé cheana, sé troighthe go h-árd" = go maith as cíonn sé-troighthe.
"Ní fhéadfadh sé gan a bheith na cheithre scóir go h-árd."
"M'anam go bhfuil sí go h-árd as cionn deich mbliadhna fichead."
"Cé'n chainnt sin ort. Ba mhaith an sean-pháiste é an oidhche 'phós mé. Tá sé an scór go h-árd."
"Cuimhnigheann J. L. ar oidhche na Stoirme Móire. Caithfe sé go bhfuil sé an céad go h-árd."
"Tá sé na cheithre clocha déag go h-árd."

Áit árd, teach árd, cnoc árd etc.
"Is aoirde de bheagán an teach s'aghainne ná teach se'agaí(bh)se"
[Aoirde = áirde = foghar 'oyr-de']

"Tá sé árd sa saoghal anois" = é saidhbhir, deis agus maoin aige.
"Ní bhreathnóchadh sé ar na daoine chor a' bith, ó d'eirigh sé árd sa saoghal."
"Chonnaic sé an dá shaoghal, agus bíodh sé buidheach má tá sé árd sa saoghal anois."
"'Sé 'tá ag eirghe árd sa saoghal ag na daoine."
"Bhain(f)idhe leagan as duine tí (= ní) b'aoirde 'sa saoghal ná é."
= bocht(ochth)aidhe é.
"Bíodh sé buidheach do'n té d'fhága árd sa saoghal é."
"'Sí udhachta Mheiriocá d'fhága árd sa saoghal é — sí sin.

"'Bhfuil sé siúd árd i bposta?" = 'bhfuil posta mór aige.

"Chuala mé go raibh sé an-árd i bposta, le scath(amh) anuas."

"D'eirigh sé árd i bposta le goirid."

"Badh ceart go mbeadh sé an-árd i bposta anois, má's fíor dhi seo thoir."

"Marach a raibh d'fhabhar aige, ní bheadh sé chomh h-árd sin i bposta, mar ní raibh a dhíol foghluim' aige l'aghaidh aon-cheann-posta de'n rath."

"Dhá aoirde dhá bhfuil sé i bposta, fágfa an t-ól a chosa nighte mara n-eirighe sé as."

"Tá sé an-árd i bhfoghluim, chuala mé" = tá sé an-fhoghlumta:

"Cé'n chaoi ar fhéad sé a dhul chomh h-árd sin i bhfoghluim, mara raibh airgead ag a mhuinntir le cailleadh leis."

"Níl aon mháighistir scoile sa tír adeir siad is aoirde i bhfoghluim ná é."

"Tá'n ínntreacht (= inntleacht) aige le dhul árd i bhfoghluim, má thogruigheann sé fhéin sin."

"Chaith sé cheithre bliadhna 'g (d)ul (ch)uig coláiste, agus tá sé chomh h-árd in ealadhain a's tá sé i bhfoghluim dhá bharr."

"Má tá an ceann céadna árd idtada, as árd indiabhluidheacht atá sé" = is dearg ealadhantóir, nó duine an-imeartha críochnuighthe é.

"Tá sé árd sa dlighe" = tá posta mór aige a bhainea(nn)s leis a' dlighe. "Tá sé árd 'sna póilíos"

"Tá sé árd 'sna Flaithis, má tá duine 'bith."

"Labhair sé amach go h-árd." = de ghlór maith

"Bhí sé 'caoineadh go h-árd acmhuínneach" (féach acmhuínneach).

"Bhí sé a' gol chomh h-árd a's bhí in a cheann" = chomh maith a's bhí sé indon

"Bhí sé 'screadach chomh h-árd a's bhí in a cheann.

"Níor tháinic iabh air ach a' béiciúch chomh h-árd a's bhí in a cheann."

"Leig sé allar as chomh h-árd a's bhí in a cheann."

"Bhí sé screadach in árd a chinn" = chomh h-árd a's bhí sé indon.

"Bhí sé fuagairt in árd a chinn."

"Chloisfeá go mín réidh socair thiar ag ceann an bhóithrín é, labhair sé chomh h-árd sin"

"Is aoirde an glór atá agad fhéin, ná aghamsa le glaodhach air."

"Dubhairt sé amach go h-ard é" = sa gcaoi go gcloisfeadh 'chuile dhuine é. Ní raibh ceilt a' bith aige air.

"Ná h-abair amach go h-árd é, faitchíos a' gcloisfeadh a' chuid eile é."

"'Annsin labhair a' t-éinín, agus bhí réalta na maidne go h-árd." (Líne as "Péarla dheas a' tSléibh Bháin).

"Tá'n ghrian go h-árd ar an aer" = tá'n lá ársuighthe amach.

"Is maith árd ar an aer, bhí an ghrian shul ó d'eiri(gh) sé indiu."

"Tá taoille árd anocht ann." = tá sí aníos go maith faoi'n gcladach.

"Tá scoth-thaoille árd go maith indiu ann."

"Ar chuir sé an bhó chomh h-árd sin" = "ar chuir sé an oiread sin í" = "ar thairg sé an méid sin airgid uirre.

"Nuair ab íseal dó-san, b'árd domsa" = nuair a bhí seisean sa ngleann bhí mise ar an árd = "bhí sé cinnt air a thoidheacht suas liomsa" = "bhí tosach agamsa i gcomhnuidhe air" (is minic a' leagan seo 'sna sean-scéalta)

"Nuair ab íseal do Phádraic, b'árd do Shéamus."

"Nuair ab árd domsa, b'íseal dó-san, agus chinn air dubh a's dubh mé 'scothadh."

"Nuair ab íseal do'n phóilidhe, b'árd do'n tinncéar, agus choinnigh sé an tosach sin i gcomhnuidhe air."

"Chuartuigh mé go h-íseal a's go h-árd iad, a's chinn orm a bhfaghail in aon áit" = chuartaigh mé ingleann a's ar árd iad, agus ní raibh mé indon iad fhaghail = chuartaigh mé is 'chuile áit iad, a's chinn orm iad fhaghail, aindeoin sin.

"Tá siad tóruighthe go h-íseal a's go h-árd agham, ó's sé'n dá mhara chéile dhom é."

"Níor fhágadar míor meacan go h-íseal a's go h-árd nár thóruigheadar, a's dheamhan amharc a fuaireadar a' dá chaora 'na dheidh sin."

"Níl aon-ghiodán íseal ná árd nach raibh mé, fé'int a bhfuíghinn iad, a's chinn orm 'na dheidh sin."

"Níl aon-amharc orrab íseal ná árd" (in íseal ná in árd) = in aon áit; chor a' bith.

"Shiubhail mé íseal a's árd le dhá lá, a's ní raibh agham ach bonnaidheachaí, de bharr mo chuid trioblóide." = shiubhail mé chuile áit a' tóruigheacht, ach sin é 'raibh dhá bharr agham.

"Níor fhága sé íseal ná árd, gan ionnsuighe a' lorg mná, agus bhí sé chomh maith dhó fanacht ar leic a' tealla(igh) mar ní phósfadh bean a' bith é."

Árd mar aidiacht roimh ainm-fhocal nó aidiacht eile. Neartuigheann sé an chiall, nó tugann sé céimidheacht i gceist.

"Árd-scoil" = coláiste. "Tá sé 'g(dh)ul ar árd-scoil anois."

"'Bhí mé i gcoláiste go h-am mo bhearrtha, agus in san árd-scoil ar feadh seacht mbliadhan" (An Caisideach Bán).

"Árd-cheann" = an ceann-feadhain; an duine is measa; duine nach bhfuil cinneadh 'bith le'na cuid diabhlaidheachta

"Sin árd-cheann" = droch-duine (ar a' mbealach a bheadh i gceist.).

"Tá sé sin ar na h-árd-cheanna" = níl a leithide eile ann; 'sé is measa dhíob uiliog.

"Ní árd-cheann go dtí é." = "tabhair árd-cheann air."

"Sin é an t-árd-cheann atá ar na diabhail uiliog."

"'Sé an t-árd-cheann ar a' mbaile sin thiar uiliog é" = "sé is measa díob ar fad.

"Fág sa ngearradh dhíob é sin. 'Sé an t-árd-cheann ar a' bhfuil ann aca(b) é."

"D'imthigh an diabhal air, marab é, an t-árd-cheann

é."

"Níl aon-árd cheann orra(b) ach é" = níl aon-duine

aca chomh dona leis: 'sé an ceann-feadhain é; 'sé atá as a gcionn

"Árd-trathnóna" = luath sa trathnóna; tuairim's a' ceathair nó cúig

a' chlog sa samhradh.

"Tháinic sé árd-tráthnóna."

"Níor thaobhuigh an ceann seo muid ó árd-trathnóna."

"Ní raibh sé in' árd-trathnóna an uair siúd."

"Ní rabh fhios agham go raibh sé chomh fada sin siar sa ló.

Nach bhfuil sé in árd trathnóna cheana."

"Níl mórán siar ná aniar sa lá anois, arae tá sé in árd

trathnóna cheana."

"D'imthigh sé imbuilg a' lae, a's bhí sé sa mbaile árd-trathnóna.

Sin é nach raibh 'bhfad amuigh."

"Bhí sé in' árd trathnóna go maith, ar a theacht dó."

"Árd-aingeal" = aingeal árd.

"Mícheál Árd-Aingeal."

"'Sé Mícheál Árd-Aingeal a chuaidh a' congnamh do dhia in aghaidh an diabhail."

"Árd-chíos = cíos mór eicínt a bhíodh igceist 'sna sean-scéalta, mar

bheadh sé dlighte do Ríoghacht ó Ríoghacht eile.

"'Níor íoc tú m'árd-chíos liom le seacht mbliadhna', adeir

a' rí leis a' bhfathach."

"Tá an Ríoghacht seo faoi árd-chíos aca(b)."

"Tá mé faoi árd-chíos le seacht mbliadhna ag Ridire an

Gháire Dhuibh."

"'Mara n-íoca tú m'árd-chíos liom atá amuigh a(gh)am le

seacht mbliadhna, bainfe mé do cheann a's do choiméad beatha

dhíot' adubhairt sé.

"'Íoc amach m'árd-chíos liom go beo' adubhairt a' gaiscidheach

'nó bainfe mé an ceann anuas ó'n dúid díot'."

"Tá'n tír seo faoi árd-chíos sáthach fada ag Sasana. Míle

buidheachas le dia go dtáinig sé sa saoghal go bhféadfa-

muid a choinneál uaithe."

"Cé'n t-árd-chíos atá aige orm, le go dtiubhrainnse

aon-tsásamh dhó" = níl mise faoi na smacht ná ina thuilleamuidhe ar bhealach a' bith go gcaithfinn aon-tsásamh a thabhairt dó.

"Nach aige atá an t-árd-chíos orainn le gur muid a chaithfe sé ionnsuidhe igcomhnuidhe" = nach muid atá in a thuilleamuidhe nó faoi bhois a' chait aige, le go gcaithfe sé tabhairt fúinn igcomhnuidhe.

"Cé'n t-árd-chíos atá aice ormsa, go mbeadh orm a dhul abhaile léithe, ach an oiread le bean a' bith sa teach."

"Níl aon-árd-chíos aice ormsa, ach an oiread le duine 'bith eile" = tá mise chomh neamh-thuilleamach uirre le 'chuile dhuine eile.

Árd-mhaighistir = an máighistir is aoirde; an maighistir a mbíonn comhairle na scoile aige. (Ní chialluigheann sé togha maighistir)

Árd-rí = an rí ab aoirde. (Bíonn sé igceist 'san scéalta, ionann's mar tá sé igceist 'sa stair).

Ard-dhiabhal = an diabhal is aoirde, nó is measa.

"'Sé aingeal an Uabhair a' t-árd-dhiabhal atá in Ifreann anois."

"Nuair a chinn sé ar na diabhail bheaga, tháinic a' t-árd-Dhiabhal é fhéin"

"Sin é an-t-árd-dhiabhal atá orra(b)" = an diabhal is measa.

"Árd-teampall" = teampall is aoirde, is mó le rádh.

[Teampall = teach pobail Protasdún amháin, ach árd-teampall — ceann Caitliocach freisin).

"Níl aon-árd-teampall inGaillimh."

"Árd-fhoghluim" = an-fhoghluim; foghluim a gheobhfaidhe in Árd-scoil.

"Fuair sé sin árd-fhoghluim, agus is dona a chuaidh sí dhó."

Árduigh. briathar = croch suas, tóg, méaduigh; déan níos mo, cuir farr-a's-barr air.
Árduigh, árdughadh, d'árduigh, árdó(cha) etc.

"Árduigh an fhuinneog" = croch í.
"Árduigh orm a' cliabh seo." = cuir láimh ann, le na chrochadh suas orm."
"D'árduigh sé orm a' beart." "Tabhair congnamh dhom leis a' gcléibhín seo árdú orm."
"Thárla nach raibh aon-duine agam leis a' mála árdú orm, b'éigin dom eirghe faoi."
"Bhain mé stangadh as mo dhruím ag iarraidh an bhirt 'árdú orm fhéin."
"Ní bhfuair mé mo sháith le deanamh ariamh, ach a' máilín sin árdú orm fhéin."
"Tá mná le fhaghail ann 'ar árdú orm'" = tá mná i mbarr bachall ann; is éasca bean 'fhaghail ann.
"Caithfe sé go bhfuil mná i gConamara ar árdú orm, agus é sin a' faghail mná ann."
"Bhí spailpíní le faghail ar a' bhFaithche Mhóir indiu 'ar árdú orm'" = bhí go leor aca(b) ann, agus b'fhurasta margadh a dhéanamh leo(b).
"Gheobhfá muca ar an aonach indiu 'ar árdú orm'."
"Má's talamh atá sé iarraidh, gheobha sé taobh soir anois é, ar árdú orm, már tá sé 'cínnt orra(b) an cíos íoc air."
"Tá'n oiread 'bicycles' annseo anois, a's go bhfaightheá ceann 'ar árdú orm'."
"Tá teach le faghail in Gaillimh anois ar árdú orm, agus is beag a' dochar dhóib, a's a ndearnadh aca(b) le goirid."
"Árduigh do cheann" = croch do cheann.
"Ní árduigheann sé chloigeann ó mhaidin go faoithin, ach ag obair leis ar a táirm"
"Ní árduigheann sí cloigeann de'n leabhar ó thagann sí ó scoil trathnóna."
"Níor fhéad mé mo chloigeann árdú as a' gcreafóig ariamh"

= cuibhrigheadh leis an obair ariamh mé. Ní bhfuair mé aon eolus ar a' saoghal.

"Dhá gcuirtheá farradh chainnte air, míle uair sa ló, ní árdóchadh sé a cheann, le thú 'fhreagairt."

"Ní fhéadfa mé mo cheann árdú aríst go bráthach le náire, faoi'n méid sin."

"Cé'n chaoi n-árdócha sí a cheann choidhchin aríst, th'éis a' méid atá déanta aice."

"Dá ba dhomsa d'eireochadh sé, ní bheadh aon-ghoir agam mo chloigeann árdú go h-éag aríst, ach dheamhan lá mairge air-sean."

"D'árduigh sé leis é" = thug sé leis é; thárluigh sé leis é; ghoid sé é (amanntaí)

"'Ní do do ghoid atá mé 'gháirleog, ach do t'árdú liom'" = sin é an rud adubhairt a' fear a ghoid a' gháirleog. Tá leigheas sa ngáirleoig ach níl aon-mhaith í ghoid. Cialluigheann a' leagan sin go minic, nach maith leis a' duine a rádh go bhfuil sé a' déanamh rud as a' mbealach, cuir igcás goid.

"Sé fearacht an fhir fadó agadsa é — 'ní do do ghoid atá mé 'gháirleog, ach do t'árdú liom'."

"Nach é an dá mhara 'chéile é sin a's é 'ghoid. Sin é — 'ní do do ghoid atá mé 'gháirleog, ach do t'árdú liom'."

"Bhain sé amach é, agus ina dheidh sin bhí sé 'g iarraidh an dubh a chur ina gheal ort — 'ní do do ghoid atá mé 'gáirleog, ach do t' árdú liom'."

"Dubhairt sé nach raibh sé dhá iarraidh ach ar iasacht, ach níor tháinic sé ar ais ariamh leis. Tá sé fearacht fear na gairleoige — 'ní do do ghoid atá mé 'gháirleog, ach do t'árdú liom'."

[Uaireannta — 'ní do do ghoid atá mé 'gháirleog, ach do do thárlú liom'"]

"D'árduigh sé leis fear a' tighe seo, ar maidin go moch, a's níor tháinic sé ar ais ó shoin."

"D'árduigh sé leis a' 'bicycle', árd-tráthnona, agus dheamhan fhios againn céard is cor dó ó shoin."

"Dheamhan ab é an oiread sin dhá fhonn a bhí ar a' gceann seo imtheacht, marach gur árduigh Maitiú leis é."

"D'árduigh sé leis 'chuile phighinn bheag dhá raibh sa teach againn."

"D'árduigh Micil a' capall leis faoi na thóin."

"Nach bhféadfa tú an 'bicycle' árdú leat chomh fada le ceann a' bhóthair, agus cé'n stróbh atá ort a dhul an t'aithgiorra annsin."

"Árduigh leat abhaile é, má fhéadann tú, a's ná bíodh sé 'deanamh cír-thuaithbhill de'n teach."

"Má fhéadann tú é árdughadh leat as réidhteach, is amhla is fhearr."

"D'árduigh T. Bh. leis an inghean air, agus phós sé í."

"B'fhurasta do dhuine bean 'árdú leis roimhe seo — 'imteacht' léithe — ach caitheadh in aer an faisean sin."

"Ní éileochadh Pádraig se'aghainne imtheacht chor a' bith, marach a' t-ealadhantóir eile 'bheith dhá árdú leis."

"D'árdóchainn liom a' páipéar nuaidheacht' seo, ach ní raibh aon-ghna(ithe) agam a' teach a thaobhachtáil aríst go deo, má tá indán 's nach bhfuil sí léighte aige fhéin."

"D'árduigh inghean Mh. Bh. léithe leabhar as, tá mí ó shoin, agus dheamhan a dhuth ná a dhath fhéin, ná an leabhar a chonnaic muid ó shoin."

"Má ghéilleann tú do'n róithrín sin, árdó(cha) sé leis thú, 'chuile oidhche beo."

"D'árduigh P. Sh. leis é, ar maidin pé'r bí cé'n tabhairt a thugadar orra(b) fhéin."

"Árduigh leat na cártaí sin anois go beo; níl muid dhá n-iarraidh."

"Hébrí (= pé'r bith) cá bhfuair tú an phaicle sin anois, b'fhearr dhuit iad, árdú leat ann, mar níl gnaoi a' bith annseo orra(b)."

"Fainic a' n-árd(óchth)á leat aon-cheo dhá bhfuil annsin anois, mar beidh sé siúd le buile, má airigheann sé aon-cheo dhíob ar iarraidh."

"D'árduigh sé chuig a' damhsa é" = thug sé (mheall sé) chuig a' damhsa

"D'árduigh sé leis fhéin abhaile óg go maith 'san oidhche" = leig sé leis fhéin abhaile" = "thug sé an baile air fhéin.

"D'árduigh sé leis fhéin síos go Gaillimh."

"Tá siad leis a' mbóthar 'árdú 'san áit a bhfuil na gleannta ann" = a chrochadh suas; na gleannta a líonadh.

"D'árduigh sé dhá leath-chlaidhe an chairr 'san aer."

"Árduigh suas do chois." = "tóig suas í."

"Árduigh suas chugam a' canna, go n-óla mé deoch."

"D'árduigh sí suas íochtar a gúna" = d'fhill sí suas é.

"Árduigh suas do chloigeann, a's ná bíodh sé buailte fút agad mar sin igcomhnuidhe."

"Níl mé indon mo chois 'árdú de'n talamh chor a' bith, in áit ar thuit cloch uirre."

"Tuige nach bhfuil tú in don í 'árdú de'n talamh fós? = an chois.

"Ní mian leis a' gcapall an chois deire a árdú chor a' bith, maran tairnge a thóig sí."

"Ní árduigheann sé na cosa de'n talamh chor a' bith a's é siubhal."

"Níl sé indon leath-chéad meadhchain 'árdú de'n talamh, ní áirmhighim é 'iomchur."

"Corr-fhear atá indon an chloch sin a árdú."

"Duine sa gcéad atá indon leath-bharaille lán 'árdú anois."

"Tá'n tuile ag árdú." = ag eirghe. "Má árduigheann a' taoille mórán eile, sceithfe sí an bóthar."

"Tá'n stoirm ag árdú" = a' neartú. "Is diabhaltaidhe a d'árdu(igh) an ghaoth le cupla uair."

"Is mó an chosamhlacht árdú atá uirre (ar a' stoirm) ná claochmú. Oidhche gártha anois í."

"Feicthear dhom go bhfuil an oidhche ag árdú, marab iad na crainnte atá a' fuagairt a' ghála."

"Má mhaireann di ag árdú mar seo, ní bheidh cleith as a' (= ar) gcíonn ar maidin.

"Tá árdú páighe fáighte aige le goirid."

"Tá máighistirí scoile a' cur a gcosa uatha(b) anois, ag iarra árdú
páighe."

"Níl fir oibre na Gaillimhe ag obair a' tseachtmhain seo, a' ceasacht
páighe. Tá siad ag iarra tuille árduighthe."

"Tá sé 'strócántacht ag iarraidh árdú páighe, rud nach bhfuighe
sé."

"Tá 'chuile dhuine a' fághail árdú, ach an feilméar a's a' talmhaidhe"

"Beidh árdú coróin sa tseachtmhain aige ó'n mí seo amach."

"Is gearr ó fuair sé árdú posta" = fuair sé posta níos aoirde
ná bhí aige.

"Ní thiubhra an dream sin aon-árdú uatha(b) go gcínne críochnuighthe
orra(b)."

"Tá'n pinsean len' árdú má cuirtear a' dream seo isteach" (i.e mar
riaghaltas).

"Tá sé ag árdú an chnuic" = a' dul in aghaidh an Chnuic (Iarthar Chonamara)

"'Dhá bhfeictheá Máirtín a's é ag árdú an Mháma
a's a phílí mná leis, má b'fhíor dhó fhéin!'"
("Amhráin Chloinne Gaedheal" — l. 47).

"Tá sé ag árdú an chnuic" = ag dul in aghaidh an chnuic; a' crochadh an
chnuic, nó a' maolú an chnuic.

"D'árduigh sé an cnoc ar maidin, agus ní fhaca muid ó shoin é."

"Bhí sé ag árdú suas an cnoc, nuair a chonnaic mise é."

"Tá'n cnoc árduighthe aige" = tá sé ar a bharr.

"Nuair a d'árduigh muid an cnoc, chonnaic muid an baile fúinn thíos."

"Tá sé árduighthe ceart críochnuighthe anois agad" = fearg air; é le
buile. (Iarthair Chonamara agus áiteachaí eile) "risen", "you have risen him"

"Is furasta é 'árdú" = is furasta buile chuthach a chuir air.

"Níl goir agad 'druid' a rádh leis, nuair atá sé árduighthe."

"Ná bí ghá árdú anois, nó imtheocha sé ar fad."

"Níl acmhúinn grinn a' bith aige. Níl ort ach breathnú cam air

a's tá sé árduighthe ar a' bpuínnte."
"Má tá tú ag iarra é árdú, níl agad ach a rádh leis, go bhfuil
cruach bhreagh choirce ag P. Sh. Th."
"Sin é an droch-éadáil, agus é árduighthe."
"Ná cuir ceist a' bith air, Aingeal ceart é sin, agus é árduighthe."
"B'fhearr dhuit gan a dhul i gcleitheamhnas é 'árdú, mar
speirfeadh sé sin duine ar a' bpuínnte boise."
"Marach leisce 'bheith dhá árdú as comhair na strainséaraí, gheobhfadh
muid an-scath(amh) grínn air."
"Níor mhaith liom é 'árdú faitchíos go dtarraingeochadh sé an
baile orm"
"Tá an-éisteacht aige, nuair nach n-árduigheann an nathaidheacht
sin é."

Árdú = barr; donacht (i dtinneas)
"Tháinic árdú air ó indé" = tháinic barr air, nó donacht.
"Cá'ide ó' tháinic a' t-árdú aríst air."
"Mara n-imthighe sé as an árdú seo, tá leis." = mara bhfagha sé bás as
an donacht seo, srianfa sé thríd.
"B'fhéidir dhá dtagadh ionntú bisigh aige as an árdú seo, go
dtéaltóchadh sé as."
"Níl aon-mheas agam air anois, ó bhuail a' t-árdú aríst é"
= níl aon-mhuingnín agam, go srianfa sé thríd etc.
"Ó bhuail a' t'árdú faoi dheire é, tá ualaighe a' teacht air."
(féach ualaighe).
"Sé'n ruainnín a d'ith sé 'chuir a' t'árdú air."
"Níl goir aige greím 'ithe nach dtagann árdú air, agus shílfeá
go n-imtheochadh sé ar a' bpuínnte."
"Níl siar ná aniar ionnam ó tháinic a' t-árdú mór orm indé."
"Tá cliar ann anois, ó bhuail a' t-árdú go deireannach é."
"Níl aon-cheo indon duine a chlaoidhe, ach árdú mar sin."
"Bhí árdú uirre i gcaitheamh na h-oidhche, a's b'éigin dom
fanacht in mo shuidhe dhá cúmhdach."
"Bíonn biseach air i gcomhnuidhe sa ló, ach ó thuitfeas oidhche,
tagann árdú air, a's ní bheadh fhios agad an teacht nó

imtheacht dó scaithtí."

"Tháinic scannradh mo chroidhe orm, mar ní rabh fhios agam, an teacht nó imtheacht dhó, nuair a bhí an t-árdú mór, aréir air."

"Shílfeá gurab é clochar a' bháis a bhí ann, a's an t-árdú mór air, indiu."

"'Siad na fataí a d'ith mé, a chuir an méid sin árdú orm."

"Níl aon-ghoir agam drannadh le na fataí chor a' bith, nach gcuireann siad árdú orm, a's cé'n bhrigh, ach chomh dúlaidhe a's tá mé ionnta(b)."

"Scannruigh mé, 'sábhála dia sinn, a's an srunnán (= srannán?) a bhí ann, 'san árdú mór a bhuail trathnóna é."

"Ní móide le congnamh dé, go dtiocfadh aon árdú mar sin air níos mó."

"Má thagann árdú eile mar sin air, is furasta cuir (ch)uige in a dhiaidh."

"Níor fhan focal de'n chainnt aige (níor fhan aon-fhocal cainnte aige) a's a' t-árdú air."

"Tá'n tinneas árduighthe air" = tá sé gaibhte 'un donacht

"Tá'n phian árduighthe air."

"Is gearr ó d'árduigh an phian air."

"Má árduigheann an phian tada eile, cuirfe mé fios ar a' dochtúr."

"Tá'n doigh bhuilg ag árdú air."

"Árduigh uaim ar fad é" = tabhairt leat é; dealuigh as m'amharc é. "Rinne siad a' méid sin fhéin a árdú uainn."

"Tá árdú mór ar a' mballa agaibh le seachtmhain."

"Caithfe mé árdú — cúrsa nó dhó — a chuir ar a' mballa."

"Má tá tú le ceann slinne a chuir suas, ní mór dhuit árdú a chuir ar a' mballa."

"Tá ardú ar a' taoille ó aréir — taoille rabharta í."

"D'árduigh mé an claidhe" = chuir mé clocha air; bhí sé leagtha, agus rinne mé suas aríst é."

"Biseach an Domhnaigh, a's árdú na Céadaoine." = deireadh na sean-daoine, nar dóichide rud dóib seo, ná bás a thabhairt do dhuine.

"Níl biseach a' Domhnaigh ná árdú na Céadaoine go maith."

"B'fhurast aithne nach ndéanfadh sé aon-mhaith. Tháinic biseach a' Domhnaigh air, a's árdú na Céadaoine, a's ní mórán a thaga(nn)s uatha(b)."

"Is corr-dhuine a (gh)nío(nn)s aon-rath indiaidh biseach a' Domhnaigh, a's árdú na Céadaoine."

"Bhí fhios agham go mbadh gearr uaidh: bhí biseach aige Dia Domhnaigh, a's árdú air Dia Céadaoin, a's sé ar mhair sé go dtí trathnóna Diardaoin."

"Is olc é biseach a' Domhnaigh, mar ní minic uaidh 'theacht gan árdú na Céadaoine 'theacht 'na dhiaidh."

"Chloisinn na sean-daoine ariamh a' rádh dhá mbeadh a' t-imtheacht ar dhuine, go ngiorróchadh árdú na Céadaoine leis."

"Ní raibh daor-bhasctha chor a' bith dhe, go dtí an Chéadaoin ach níor fhan smeámh a' bith ann ó shoin. Ní maith é árdú na Céadaoine. Chuala mé ariamh é."

"Imtheocha sé as sin anois — árdú na Céadaoine."

"Ní minic a tháinic biseach as árdú na Céadaoine."

"Sí'n Chéadaoin a' lá is measa le árdú 'theacht ar dhuine adeir siad."

"Tá a chnaipe déanta, má bhuail árdú na Céadaoine é" = "tá sé ar a' leabhar ag a' bhfiach dubh, má tháinic árdú na Céadaoine air."

"Cé'n gheis atá ar a' gCéadaoin ach an oiread le lá 'bith eile le árdú a theacht ar dhuine. Má tá'n bás ort, tiocfa sé 'chuile lá chomh maith leis a' gCéadaoin."

"Níl in árdú na Céadaoine ach comhráidhtí daoine. Níl aon-lá áithrid, ag a' mbás, ach a theacht, nuair atá do shaoghal caithte."

"D'fhága sib an bhearna sin thiar gan árdú 'na ndiaidh
trathnóna."
"Tá claidhe le n-árdú agam imbarr a' bhaile, pébrí céard a leag
é."
"Tá bearnaidheachaí le n-árdú agus claidheachaí le biorrú ann."
"Má theigheann tú ag árdú an chlaidhe sin, ní f'leárr (= fuláir?)
dhuit, a dhul dhó mar is ceart, agus na máithreachaí
in íochtar a dhaingniú. Mara ndéana tú sin, beidh sé le n-árdú
aríst agad."
"B'éigin dom brúisc de bhearna a bhí tuithte annsin thiar a árdú."
"Árduigh an bhrúisc de bhearna chomh luath a's bheidheas ionbhadh agad."

"D'árduigh an t'ól air, d'aon iarraidh" = chuaidh an t-ól sa gceann air; thuit a' t-ól air; chuir a' t-ól cuthach air.

"Dia aithnighthear é siúd, má árduigheann a' t-ól."

"Tabhair rí-aire dhuit fhéin air, má árduigheann a' t-ól air." = "bí ar t'áirdeall fhéin air, má árduigheann a' t-ól air."

"Ní féidir ceart a' bith 'bhaint dhe, nuair 'árduighea(nn)s a' t-ól air"

"'Sé is socra dhá bhfaca tú ariamh go n-árduighe 'n t-ól. Uaidh sin amach, 'sé ubhall na h-aithne é."

"D'árduigh an t-ól in a cheann, a's bhí sé éadtrom aige."

"Sháruigh sé luirgní dóighte, tráth ar árduigh an t-ól air."

"Níl ceart a' bith le baint dhe ar a mheisce. 'San am a n-árduigheann a' t-ól air, bíonn sé 'na chiseach críochnuighthe."

"D'eirigh sé as ar fad, mar d'árduigheadh a' t-ól in a cheann."

"Is anna(mh) óla(nn)s sé deoir a' bith, a's ní fearr dhó fhéin 'ól, mar ní túisce cupla ceann caithte aige, ná árduighe(ann)s sé in a cheann."

"Is éasca leis an ól árdú air."

"Níl ól a' bith indon árdú ar dhuine ach poitín."

"'Ar a' ngreann ar fad, ní thiubharfá ceo
Gur árduigh an t-ól i stuaic na mbacach'"
(Rafteri — "Bainis a' tSleadhtháin Mhóir) — tá'n leagan seo le cloisteáil fós].

"Ó d'árduigh an t-ól in a stuaic, bhí sé fánach agam é 'thabhairt abhaile."

"Má árduigheann a' t-ól in a stuaic, déanfa sé réabadh a's mísc."

"Ní teach bainse bhí ann, ach teach amhus, 'san am ar árduigh an t-ól sa stuaic aca(b)." "Má árduigheann a' poitín 'sa stuaic aige siúd, déanfa sé sléacht ar fud a 'bhaile."

"Ná tabhair an oiread dó a's go n-árdó(cha) sé sa stuaic aige."

"D'árduigh an t-ól i stuaic na mbacach, a's bhí sé in a 'reaintí bó léaraí' uaidh sin amach."

"Árduigheann a' braon cruadh an coiricín aige" = cuireann sé thar bharr a chéille é." 'Sén poitín atá indon cirín (ceann, cloigeann) duine 'árdú."

"Ní bhíonn ciall ná coimheas ag Tom, nuair árduighe(ann)s sugh an ghráinne-eorna air."

Arrannta. Féach Foclóir an Duinnínigh: ach is mó de'n droch-mhúineadh agus de'n ghangaide atá ann ná de'n chantal a's de'n phriaclacht.

"Bhí múineadh ar fhear a's leanbh aca(b) nach bhfaca mé ar a lán
Gach uile nídh dhár thaithnigh liom gan gársamhlacht, gan grabaireacht
Gan focal ar bith arranta, ach a ndéanadh muid de ghreann"
[Sliocht as "an bás" — Colm de Bhailís]
Tagd, fearg nó olc atá i gceist le "arrannta" thuas.
"Níor dhubhairt sé focal arrannta le aon duine ariamh."
"Níor chuala mise ná aon duine eile smid arranta as a bhéal ariamh."
"Níl sé sin arrannta ná anglánta chor a' bith, ní hé sin fhearacht agaibhse é."
"Bhíodh sé arranta go leor fadó, ach is mór a leig sé faoi le goirid."
"Tá sé arrannta agus d'eireochadh dhó."
"Bhí cliobairí sáthach arrannta ar a' mbainis aréir, dhá bhfaghaidís a' té tiubhradh áird orra(b)."
"Tá sé chomh h-arrannta le aon-amhlóir dhá bhfaca mise, i gcaith(eamh) an tsaoghail ariamh."
"Má bhíonn sé arrannta annsiúd, is furasta dhó comráduidhe 'fhághail."
= is furasta dhó fear eile a chasadh leis a bheidheas chomh h-arrannta 'chuile ordlach leis fhéin, agus is maith 'na chéile an cúpla annsin.
[Níl ainm-fhocal ná briathar ag gabhail le arrannta]

Arsa = (briathar) dubhairt; do ráidh

[Tá "arsa" seirgthe go mór i gCois-Fhairrge mar seo, cé's moite i sean-scéalta agus i leagan amháin "arsa tusa", a gcuirtear streille ar a gcéill ann. Tá sé an-choitciannta fós ar Achréidh na Gaillimhe agus is minic nuair is ainm-fhocal atá in a dhiaidh go gcuirtear isteach in ath-uair é indiaidh an ainm-fhocail, agus réamh-fhocal sé nó seisean fastuighthe de i.e. "arsa Seán, arsa seisean". Baintear leas as igCois-Fhairrge leis a' gcainnt adubhairt tú le duine eile a aithris, ach is cúrsaí leath-mhagadh a bhíos i gceist go minic mar sin]

"'Níl fhios agam a' ndéanfadh sin na gnaithí' arsa mise" (Cois-Fhairrge) (Árannach): (an chéad uair a bhfaca sé mótor): "'Bhfeiceann tú anoir a' teach ar eitreoig' adeir a' t-Árannach.
(Cois-Fhairrgeach) 'Sin mótor' arsa mise."
"'Is deas an chaoi é' arsa tusa" [nuair a d'innseochthá rud eicínt do dhuine, agus thú cur na cainnte ba cheart dó a rádh faoi, dar leat, in a bhéal, nó a' toghaint na cainnte air, déarfá seo — Cois-Fhairrge]
"'Is siléigeach an chaoi do dhuine' arsa tusa 'a bheith triomú a chuid mona ar anna na Féile Michil thall', ach cé'n neart a bhí agam air."
"'Nach béalráideach an mhaise dhom é'" arsa tusa "'agus an méid sin a innseacht dó', ach le na chuir ar an áirdeall a rinne mé é"
"'Is mairg nach mbíonn foighid aige', arsa tusa, ach sáthach fada atá muid a' cur stuaim ar a' bhfoighid chéadna." (féach stuaim)
"'Tear' isteach annseo, agus béarfa mise lóistín na h-oidhche dhuit'" arsa an tsean-scológ, arsa seisean" (Achréidh).
"'Tá'n cómhar briste'" arsa Seán, arsa seisean."
"'Nach mór an breathas atá orraí(b)'" arsa Riocard, arsa seisean "go leigfe sibh a gcuid caorach isteach ormsa."

Ársú = stuadh a dhéanamh; árdú; strapadh suas. [Níor chualas aon-leas dhá bhaint as, ach leis an "ngrian" agus "lá"]

"Tá'n grian ársuighthe go maith: caithfe sé go bhfuil sé tarraingt ar eádar suth" = tá'n grian árduighthe go maith sa spéir. ["Ag ársú" bhíos a' ghrian ó éirigheann sí go meadhon lae, agus a' "maolú" nó "ag ísliú" nó "ag dul siar" as sin go trathnóna, go dteighe sí idtalamh]

"Is maith ársuighthe bhío(nn)s an ghrian anois ag a' deich a' chlog."

"Fan go n-ársuighe an lá amach" = ná h-imthigh go mbídh sé níos deireannaighe sa maidin.

"Tá'n lá ársuighthe go maith anois" = tá sé sáthach deireannach sa maidin.

"Nuair ársóchas an lá tuille, tá sé chomh maith dhaoib an ghlaicín fhéir sin thiar a leigean amach" = nuair a bhainfeas sé amach sa maidin, b'fhearr dhaoibh an ghlac fhéir atá thiar annsin, a thógáil as na cocaí agus é a scaradh amach faoi'n tiormach.

"Níl a' lá sáthach ársuighthe fós, le aon sgulán (sgalán) tiorma a bheith ann."

"Is fada a bhío(nn)s ar a' ngréin ag ársú a' tráth seo 'bhliadhain" = bíonn sé i bhfad sa maidin sul a n-árduigheann sí sa spéir.

"Marach é bheith bun-deireannach sa maidin, ní bheadh
a' ghrian chomh h-ársuighthe agus 'tá sí."
"Is beag a bheadh le déanamh agad do leaba 'fhágál go
mbeadh a' lá ársuighthe. Tá a gceart acab féin thart, le
freastal do'n obair."
"Bhí mé 'fánacht go n-ársuigheadh a' ghrian, go dteighinn in
éadan a' sláimín féir."
"Is dona na gnaithí 'bheadh ar dhuine 'bith a chorróchadh amach go n-ársuigheadh
a' lá amach."

Asalánta [níl aon-ainm-fhocal freagarthach dó]

Asalánta = anglánta, giorruisc, tobann, mío-fhoighdeach.

"Duine asalánta go maith é, ma chuirtear air."

"Tá sé chomh h-asalánta le na bhfaca tú ariamh."

"Ní maith dhuit 'hata bán' a rádh leis, tá sé chomh h-asalánta sin."

"Sin é an trathnóna 'raibh sé asalánta — an trathnóna a

raibh muid a' nathaidheacht ag ceann a' bhóthair."

"Ba suarach a' t-iongnadh dhó bheith asalánta agus na gobannaí bhí dhá leigean

(ch)uige."

Asarlaidheacht mar atá i bhFoclóir an Duinnínigh.

"Níl léigheamh ná innseacht scéil ar a chuid asarlaidheachta-sin"

= "níl righeachan a' bith le na chuid asarlaidheachta."

"Chonnaic mise draoidheadóirín de 'Freemason' inGaillimh,

agus ní raibh cinneadh le na chuid asarlaidheachta. Dhathóchadh sé na

cártaí istigh in do láimh as comhair do dhá shúl."

"Bhí asarlaidheacht eicínt aige go ndearna sé coileaichín de'n bheairtín

fraoigh." (Rud é seo atá i gceist i sean-scéal).

Ascar (= eascar) = (i) méid, aoirde, leigean.

Tá ascar mór ann = duine mór, ard, leigthe (ní bhaineann sé le lúth — Cois-Fhairrge). "Is áidhbhéil a' t-ascar atá ann (faoi)."
"Beithidheach é 'bhfuil ascar ann."
"Ní bheadh aon-mhisneach agam tabhairt faoi — tá iomarca ascar ann." "Má mhaireann dó, beidh an oiread ascair ann le'n athair." "Níl na chúig bhliadhna déag sáruighthe fós aige, agus feacha (= féach) a' t-ascar atá cheana faoi."
"Ní raibh aon-ghnaithe aige do chapall a' mbeadh an oiread sin ascair ínnte — níl siad feilteach do'n áit seo."
"Capall Achréidh í, agus an-ascar go h-éag innte."

Ascar (= eascar) = (ii) 'dhul in aimhréidh ibhfastódh, i dtreascairt, dhá bháthadh (Rosmuc, Camus, Dúithche Sheoige — níl an chiall seo leis i gCois-Fhairrge — treascairt in áit).
"Chuaidh na maidí in ascar air" = chuaidh siad in aimhréidh, nó rugthas orra(b).
"Chuaidh an bhó in ascar ar a' gcriathrach" = chuaidh sí dhá báthadh, nó rugthas igclochar nó i bpoll uirthe = "chuaidh sí idtreascairt" (Cois-Fhairrge).
"Casadh in ascar mé ar a' tula(igh), agus fuair mé mo dhóthain le déanamh agus a theacht as."
"Bhí a chapall in ascar indé, agus i bhfad uainn an anachain, briseadh a cois."
"Is maith a chrúthóchas siad nó's in ascar a bheidheas siad

annsin, má taobhuigheann siad an tonn-
fhrochóg." [nó tonn-fhriochóg]
"Thiocfá féin in ascar ann, ní áirmhighim bó."
"Ó chuaidh sí in ascar go deireannach, níor fhan tapa 'r
bith innte."
"Chuaidh mé in ascar thoir ar lom a' chriathraigh, agus shíl mé go
sluig(f)idhe ann mé." "Is achrannach a' cnocán le bó a
dhul in ascar ann." "Bhí raibh de chongn{amh a}r a' mbaile
ann, agus b'ar iodhain, 'sar éigin a thug siad a{s} eascar í in
a dhiaidh sin."
"Dhá dtriomu(ighth)í an lag soir, ní moide go mbeadh chuile sórt in
ascar abhfus mar bhío(nn)s."
"Ní uaithi fhéin a chuaidh sí in ascar mar sin. Fuair sí congnamh!"
"Ní raibh baoghal uirre a dhul in ascar uaithi féin. Cuireadh in ascar í."
"Shul ar deárnadh a' bóthar nuadh, theigheadh chuile shórt in ascar sa
sean-bhóthar." "Ba mhór a chruthuigh sé agus é fhéin a thabhairt as ascar chor a' bith."
"Rinneadh ciseannaí ann cupla bliadhain ó shoin le na
h-asail a choinneál ó ascar."
"Tá na ballaí 'gul in ascar, tá'n áit faoi chomh bog sin."
"Níl sé ionrásta ag tada é shiubhal, maran leis a dhul in ascar."
"Maran leat a dhul in ascar annsin, is mór nach maith dhuit
a bheith 'san áirdeall ort fhéin."
"Is furasta leis a' rud dona a dhul in ascar i gcomhnuidhe."
"Tá sí craithte go mór ó chuaidh sí in ascar annsin thoir ar
shrath na h-abhann."

Ascar na diallaide (Conamara, Cois-Fhairrge) = suidheachán na diallaidhe;
a bheith gróigthe sa diallaide.
"Ba ghearr nuair a bhog a' capall amach, gur cuireadh as ascar
na diallaide é" = gur chaith sí é, gur tugadh talamh dhó.
"Thug sí aon-amhóg amháin a chuir as ascar na diallaide,
d'aon-iarraidh é."

"Is furasta aineoluidhe a chuir as ascar diallaide."
"Ba ghearr in ascar na diallaide é, a mhic ó, gur sínte ar a' mbóthar
a bhí sé: ar ndóigh, námhaid í an cheird gan í 'fhoghluim."
"Ghlac sí scéin eicínt ag droichead na gCnoc; thug sí léim leath-taoibhe
gan aireachtáil, agus chuir sí 'nuas glan as ascar na diallaide mé."
"Cuireadh é fhéin as ascar na diallaide, ach tháinic a' bhean óg a
bhí ar cúlóig, ar a cosa ar a' talamh."
"Is maith 'chuaidh sé as, nuair a cuireadh as ascar na diallaide é,
nar marbhuigheadh é."
"Cuireadh glan as ascar na diallaide é, agus amach ar a bhéal 's ar
fhiacla faoi'n talamh"
"Shíl mé, dheamhan deor a bhí ann, agus a' crochadh a baineadh as
anuas as ascar na diallaide"
"Ba ghearr le dhul a chuid ascair ar a' gceann a bhí in aghaidh."
"Baineadh ascar as" = leagadh é mar leagfaidhe é de chapall, de rothar etc.
"Is gearr gur baineadh ascar as, agus gur buaileadh faoi'n talamh é"
Ba diabhluidhe an t-ascar a baineadh as."

Ascartha (ascarthach) (Cois Fairrge) = leigthe, mór,
bríoghmhar (ní bhaineann sé le lúth], láidir

"Fear mór ascarthach é" = árd, leigthe, téagarach.
Capall mór ascarthach í = árd, leigthe, téagarach.
Bó mór ascarthach í = árd, leigthe, téagarach etc.
"Tá sé an-ascarthach go deo. Ní mórán fonn a bheadh orm a dhul
inglacamas lámh leis." "Tá sé sin ro-ascarthach ag mo leithide-sa
de luisneachán." "Is olc ina chéile iad — fear mór ascarthach
agus frighdeóirín de bhean." "Capall mór ascarthach achréidhe atá aige."
"Tá bó mhór ascarthach agam, a cheannuigh mé ar aonach na
Faithche bliadhain go Bealtaine seo (chuai)dh thart, agus is maith an dicheall
dom í a thógáil chor a' bith."
"Dhá mbeitheá faoi dhó chomh h-ascarthach agus atá tú, a stuithneacháin
mhóir, níl aon-loiceadh agamsa uait."
"Bean mhór láidir, ascarthach atá aige, agus craiceann buidhe garbh
uirre."

"Tá sé siúd chomh h-ascartha agus nach mbainfeá feannc as, dhá mbeitheá leis go deo"

"Ní raibh goir agam filleadh ná feacadh a dhéanamh ag na fir mhóra ascartha a bhí fúm a's tarm."

"Dhá ascarthaighe é, is gearr goirid a mhair sé (a sheas sé) dhó siúd."

"Shiubhailfeá, shul dá bhfuightheá fear chomh h-ascarthach leis."

"Má tá sé ascartha, is beag a' cur leis atá ann."

"Dhá ascarthaighe dhá bhfuil sé, ní raibh tada le reic aige uaidh siúd."

= "dhá ascarthaighe dhá bhfuil sé níor fhága sé siúd tada in a chomhnuidhe ann."

"Ní fheicfeá go h-iomdha fear chomh h-ascartha, áithbhiallta leis."

"Má (gh)níonn ascarthacht (ascar) dó é, ba cheart nach bhfuigheadh sé crathadh 'bith ann."

"Ní raibh call a' bith dhó, capall chomh h-ascarthach sin a fhaghail, scáth 'bhfuil le déanamh aige léithe."

Glan-ascartha: (glan-ascarthach) = glan; gan scríobadh; gan tangachtáil; gan a thoidheacht salach; imtheacht d'aon-iarraidh, de ghort a gharta; imtheacht faoi shiubhal.

"Chuaidh sé glan-ascartha thar a 'gclaidhe" = ghlan sé é gan scríobadh ná tangachtáil lena bharr.

"Ghlan sé an díoga de léim ghlan-ascartha."

"Tháinic sé glan-ascartha ar a' móinín bán, de'n bhus."

"Ní dhearna sé filleadh ná feacadh ach a dhul glan-ascartha amach as a' gcurra(igh) ar a' gcarraig, agus fanacht annsin, go dteagadh cabhair."

"Ar a' dá luath a's ar airigh mé an scafall a' sníomh fúm, thug mé léim ghlan-ascartha anonn, agus d'eirigh dia liom gur rug mé ar a' bpíopa — is maith a chuaidh mé as, nar marbhuigheadh mé. Bhí Dia in m'fhabhar."

"Tháinic sé orm de ghort a' garta, agus chaith sé glan-ascartha amach ar a' tsráid mé."

"Is beag a' tolgán a fuair sé breith in a ghabhail air, agus é chaith(eamh) glan-ascartha anonn thar an trínnse."

"D'imthigh leis, (ghread leis etc.) glan-ascartha abhaile = d'imthigh sé faoi shiubhal abhaile.

"Níor chomhnuigh sé go ndeacha sé glan-ascartha 'na thighe, agus gur ionnsuigh sé istigh ar leic a' teallaigh é."

"Chuaidh sé suas, glan-ascartha gan méir a bhaint dhá shrón go Bol-Uisce, gur ól sé feánnach poitín ann, ach ní raibh sé chomh h-ascartha sin a' teacht abhaile!" = bhí siubhal aige 'dul ann, ach ní raibh a' teacht ar ais, mar bhí balasta istigh aige.

Átha — focal baininscneach: iolraidh áthannaí.

Átha: (i) "Áit a bhfuil scainimh gaini(mh) 'san abhainn, go scéitheann na bradáin uirre."

(ii) Átha. = "Cuirtear arbhar ar cruadhchan ar átha le poitín a dheanamh dhe. 'Séard í an átha, púirthín a's cloigeann caolaigh, a's scraitheachaí air Bíonn sé 'rounáilte', a's lota beag istigh ann, a's scartar an eorna th'éis í a bháthadh ar an lota sin. Bíonn siad (i.e lucht déanta an phoitín) dhá h-ionntú a's dhá barr-ionntú, ar a' lota go mbíonn sí cruaidhighthe. Tá poll taobh amuigh ar a' bpúirthín mar bheadh dorus, a's bíonn teine ag béal a' phuill, a's teigheann a' teas faoi'n lota, go gcruaidhighe sé an eorna." (S. Ó. C)

"Poll na h-átha" = an poll thuais-ríomhtha ar an bpúirthín.

"Púirthín na h-átha" = an púirthín tuaisríomhtha.

"Teine na h-átha" = an teine tuaisríomhtha.

[Níl an chiall clochán, nó carra i gceist anois, sa gcainnt, ach chaithfeadh sé gur clocháin nó carraidheachaí a bhí i gcuid mhaith de na h-áiteachaí ar fhan átha in a gcuid ainmneacha. Tá "átha" go fairsing in ainmneachaí áiteachaí — "Átha Chloigín, Béal an Átha (baile beag in aice na gCriogán igCois-Fhairrge), an Átha Leacach (an áit ar chomhnuigh Féidhlim Mhac Dubhghaill, an file) etc.]

Púirthín na h-átha: "Tá lán phúirthín na h-átha d'airgead aige" = tá bráigill air, nó tá sé saidhbhir. "Tá lán phúirthín na h-átha de ghinidheachaí buidhe aige." "Tá lán phúirthín na h-átha de shaidhbhreas ag a' mbuachaill sin." "Dá mbeadh lán phúirthín na h-átha d'airgead agham, ní áirmhighim nach bhfuil, ní thiubharfainn oiread is leithpighinn duit, mar is olc an aghaidh ort é." "Dhá mbeadh lán phúirthín na h-átha d'airgead aige sin, ní leigfeadh an cruadhas ná'n chneagaireacht dó, cianóg a chaitheamh." "Is mór adéarfá liom a bheith cruadh, ach cé milleán sin orm, nuair fheicfeas tú duine a bhfuil lán phúirtín na h-átha d'airgead aige, a's a chuirfeadh amach fear bocht taobh le leithphiginn."

"Faoi Samhain a thaga(nn)s na bradáin ar na h-áthannaí le síolrú."
"Síolruigheann siad (i.e na bradáin) ar a' bhfód bealthuighthe, atá ar na h-áthannaí 'sna h-aibhneachaí."
"'Átha 'san abhainn, sin linn uisce thanaidhe a mbíonn an t-uisce marbh ann, gan a bheith a' rith mar bhíos sruth le fána, a's gan bun móna, nó creafóige, in a íochtar, ach scaineamh. Is ionann scaineamh agus fíor-ghaineamh, gaineamh mín. Scuabann an sruth an gaineamh léithe go dtagann sé go dtí an átha. 'Sé an áit a gcomhnóchadh an gaineamh ar an átha. Bíonn uisce éadtrom ar an átha'." ("Peadar Chois-Fhairrge" — l. 69)
"Dá mbeadh átha ann a mbeadh leithead mór innte, thiocfadh iomad de bhric ann dá réir le síolrú agus ruaigfidís na bric bheaga as. Nuair a thiocfá go dtí átha de'n tsórt sin; d'fheicfeá na bradáin guala ar ghualainn le chéile" ("Peadar Chois-Fhairrge, l. 69)
"Ní fhanann an bradán fireann as cionn an tsíl. Fanann sé ar an átha, ar a' gcolbha faoi'n mbruach. Fanfaidh an dá bhradán ar an átha achar, nó go bhfuil sé nádúrach acab dul chun na fairrge ("Peadar Chois-Fhairrge" — l. 69)
"Ar a' mbeirtreach sa scainimh a shíolruighea(nn)s na h-eochraighe."
"Fanann bradán a' labáin i gcomhnuidhe le bruach. Is furasta aithne é, mar tá camóg lúbtha anuas ar a bhéal, rud nach mbíonn ar bhradán na n-eochraighe chor a' bith séasúr a' tsíolruighthe."
"Tochluigheann a' lábánach puill ar scainimh na h-átha le leaba shíolruighthe a dhéanamh do'n bradán boineann. Luigheann an bradán boineann ar a' mbeirtreach sin a's síolruigheann sí. Tagann an fior-bhreac annsin, a's séideann sé síos na lábáin atá ann fhéin, ar na h-eochrachaí a shíolruigh as a' mbradán boineann. Is beag nach síolróchadh bradáin ar lag-clascannaí a' bith a bheadh amach as loch nó abhainn, dhá mbeadh láib ionnta(b). Chonnaic mise a' síolrú iad ar fhiodáin láibe shuas annsin. Dheamhan mórán a' bith nach raibh siad tiormuighthe amach a's amach. An bhliadhain cheana, a raibh an tiormach mór ann, thriomuigheadar i gclaise thiar le loch."

"Tá siad a' cur eorna ar an átha." "Tá'n eorna sáthach fada báithte anois, le na cuir ar átha." "Bhí eorna dhá cruadhchan ar átha aige." "Is gearr go mbadh cheart di a bheith sáthach cruaidhte anois, arae, tá sí lá ar átha." "Eorna a cruaidhigheadh ar átha a bhí innte, a's thug sé do na beithidhigh í."

Athnuadhchan = (i) deisiú, cóiriú as an nuadh; athrú a dheanamh de ghrádh feabhais a chuir ar theach, ar bhall uirnise etc. (ii) tosuigh in ath-uair.

"Tá sé 'cur athnuadhchain ar a teach faoi chomhair a' tsagairt."
"Ní mór don tsráid athnuadhchan, nó 's gearr go mbí sí ar a 'gcóir chéadna a raibh sí cheana" = ní mór dhi gaineamh nó deasú.
"Is géar a theastuighea(nn)s athnuadhchan ó bhóthar a' rí aríst. Tá sé faoi sclaigeannaí agus faoi phuill as éadan."
"Thug sé isteach an chulaith éadaigh le na h-athnuadhchan" = í a ghlanadh agus caoi 'chuir as a nuadh uirre.
"Caithfe mé léas a' tighe a athnuadhchan" (athnuadchaint) = léas nuadh a fhaghail.
"Gheobha tú athnuadhchan ar an 'recate' (receipt), má thugann tú isteach sa 'mbeainnc' e"
"Nuair a bheidheas leabhar a' phinsean caithte agad, féadfa tú í athnuadhchan" = ceann nuadh a fhaghail in a leaba.

Athrughadh (athrú): (ainm-fhocal) = malrait, claochmú, sinseáil, athnuadhchan, deisiú, imirce.

"Is mór a' t-athrú é." "Athrú mór é." "Is mór a' t-athrú a tháinic ar a' saoghal ó'n uair sin." "Tá athrú a' teacht ar a' saoghal 'chuile lá." "Tháinic athrú mór ar na daoine ó shoin."

"Cé shílfeadh go dtiocfadh athrú chomh mór sin ar a' saoghal in imtheacht fiche bliadhain."

"Sin é an t-athrú is mó fós." "Tá athrú ar a' saoghal 'chuile seachtmhain."

"Chuir a' cogadh athrú mór ar a' saoghal." "Theastuigh an t-athrú sin."

"Ar chuir sé mórán athrú ar a' teach" = athnuadhchan, deisiú, malrait caoi.

"Níl call duit mórán athrú dhéanamh ar a' seomra sin. Tá sé sáthach maith mar atá sé."

"Ná cuir aon-athrú ar a' ngúna sin anois, nó míllfe tú é."

"Tá an oiread d'athrú air anois, a's nach n-aithneochadh aon-duine beo é" = malrait gotha ar dhuine."

"Ar chuir Meriocá aon-athrú uirre" = "a' ndearna Meriocá aon-athrú uirre?" Freagra — "athrú fánach é" nó "rinne, a's an-athrú."

"Ní donaide é an t-athrú 'tháinic air, ó d'imthigh sé."

"Chuir sé an-athrú ar an áit." "Níor chuir Meriocá aon-athrú ar a chuid cainnte."

"Chuir sé athrú éadaigh air fhéin" = malrait éadaigh.

"Chuir sé athrú bróg air fhéin etc" = malrait bróg.

"Tháinic athrú intinne aríst air" = "tháinic athrú intinne dhó aríst" = "tháinic malrait íntinne dhó."

"Bíonn athrú íntinne air chuile phuínnte."

"Ó chaithea(nn)s sé rud ina cheann uair amháin, ní thagann athrú intinne dhó, uaidh sin amach"

"Bhuail athrú intinne aríst é."

"Dhéanfadh athrú aeir maith dhó" = "thiocfadh athrú aeir go maith dhó" (féach aer)

"Má's leat a dhul chuig an spraoi, cuir athrú éadaighe ort fhéin." "Má tá tú fliuch, cuir athrú éadaighe ort fhéin."

"Tá muid ar athrú oibre an tseachtmhain seo."

"Is gearr uainn athrú aimsire (nó uaire)."

"Tá sé in am ag athrú eicínt a theacht ar an uair feasta."

= "tá sé in am ag an aimsir athrú eicínt a dheanamh feasta."

"Ach grásta Dé ní dhéanfa sé aon-athrú imbliadhna."

"Shílfeá go dtiocfadh athrú eicínt air ó'n mbáisti(gh) i lár an Earra(igh) thall"

"Tá athrú eicínt ar an aer anocht." "Déarfainn gur gearr uainn athrú." "Tá athrú air" = athrú aimsire.

"Níl aon-chosamhlacht (ghotha) athrú ar an uair."

"Níor tháinic aon-athrú ar an uair anois le dhá mhí i mbéal a chéile."

"Athrú 'un uaire móire ('un báistighe, 'un gairbhshin etc) atá air anocht" = uair mhór nó glas-aimsir (báisteach, gairbhshion etc) a thiocfas ar an oidhche anocht.

"Cé'n t-athrú meastú 'thiocfas as an oidhche anocht?"

"Níl aon-rath ormsa a' faithlidheacht, ach má tá athrú 'bith air, athrú báistighe é." = níl mórán meabhair agham idtuartha na h-uaire, ach má tá indán's go n-athrócha an aimsir chor a' bith, báisteach a thiocfas as.

"Ná bí súil le aon-athrú 'ríst go dtaga urú (= urdhubhú) ar a' ngeala(igh)" (urú = cúlú).

"Tá air aige athrú eicínt a dhéanamh feasta a's gan a' bhliadhain a bhaint as an uair mhóir."

"Ní mheasaim go ndeanfa sé aon-athrú go dtaga gealach aríst."

"Is olc a chuaidh an t-athrú dhó" = imirce.

"Ní smais mhór a chuir a' t'athrú air."

"Chuaidh an t-athrú go maith dhó. D'imthigh an snuadh caillte bhí air, dhe."

"Is mór a' mhaith de mo shláinte an méid sin fhéin athrú."

"Tá athrú go maith ag fear eitinne" = athrú aeir.

"Dhá laghad é an méid sin fhéin athrú, chuir sé maith mhór orm."

"Tiocfa mé ar athrú lóistín (beatha, oibre etc) go goirid" =
gheobha mé lóistín eile, nó tiocfa mé 'mo chomhnuidhe i dteach
lóistín eile.
"Ta mé 'tóruigheacht athrú lóistín." "'Bhfuil fhios agad cá
bhfuighinn athrú lóistín?"
"Caithfe tú athrú béasa a dhéanamh" = "caithfe tú do chuid béas
athrú" = "caithfe tú eirghe as a' gceird atá ort." (Deirtear le
duine olc, caithmheach, achrannach, leisceamhail etc é.)
"Tá sé ar athrú béasa anois." "Bhí sé in am aige athrú
béasa 'dhéanamh."
"Ní dhéanfa sé sin aon-athrú béasa fharrus mar atá
sé, go h-éag."
"Athrú an chor ó'n tuaithbhil(?) ort!" = eascainidhe (deirtear
le duine é bhíos i gcomhnuidhe a' cainnt ar athrú nó ar
imirce a dheanamh. Ní droch-eascainidhe é).
"Athrú an chor ó'n tuaithbhil ort, maran ort atá an t-athrú 'chuile
ré soluis!"
"Athrú an chor ó'n tuaithbhil ort! Breagh nach n-athruigheann, má
tá an oiread sin dá fhonn ort."
"'Buachaillín deas óg mé, a's ní féidir 'athrú 'rádh
de chloinn Donnchadha na Céise mé a's de thogha na nGaedheal is fhearr'"
(as "Rosamhíl")
"Ní féidir 'athrú 'rádh" = ní féidir tada eile ach sin a rádh (ní
malrait).
"Cé'n chaoi 's féidir liom athrú 'rádh leat, a's a' chaoi atá ort."
"Scaibhtéara 'thug sé ort, a's ní fhéadfadh sé 'athrú
thabhairt ort."
"Má thug fhéin, ní fhéadfadh sé 'athrú thabhairt ort, a's a' bhail
a bhío(nn)s ort."
"Ní fhéadfainn athrú d'ainm a thabhairt air, ach diabhal."
"'Sí do leas-mháthair a thóigfeadh sin ort, mar cé'n chaoi bhféadfá
'athrú a dheanamh" = aon-cheo eile ach sin a dhéanamh.
"Ní raibh aon-ghoir agam 'athrú 'dhéanamh, bídís sa mullach orm nó
ná bíodh."

"Tá sé réidh go leor ag daoine rádh, go mbadh ceart dom seo siúd a dheanamh, ach 'bhí fhios agham fhéin, nach bhféadfainn 'athrú a dhéanamh leis."

"Bhí sé fánach agham athrú an rud a rinne mé 'dhéanamh."

'Sé Seán a ghoid a' mhoin — dheamhan athrú ariamh" = ní duine 'bith eile ach Seán a ghoid an mhóin.

"'Sé Seumaisín a d'innis dhi é — dheamhan 'athrú!"

"Dheamhan t'athrú ariamh a rinne é." = is tusa 'rinne é go cinnte."

"Dheamhan 'athrú ariamh a d'innis é, ach é féin. D'aithin mé luighe na bréige air, an oidhche 'raibh sé annseo."

"Dheamhan a h-athrú ariamh a bhí ann, ach 'Mag'. Chuala mé go raibh sí le cuireadh 'fhaghail."

"Ní chreidfinn gurab é t'athrú fhéin ariamh a rinne é" = ní chreidfinn nach tusa a rinne é.

"D'eile cé thug leis é, ach Pádraig. Cé 'chaoi mbeadh fhios ag 'athrú, cá raibh sé idtaisce agam?"

"Má fhaghaimse amach nach hé t'athrú a rinne é, íocfa tú ann" = má fhaghaimse amach gur tú fhéin a rinne é ídeocha mé ort é.

"Ní chuirfe thar t'athrú féin é. Is tú a rinne é" = tá mé dhá leagan ortsa, gur tú 'rinne é.

"Is deacair liom a leigean in mo ghoire, go bhféadfadh t'athrú 'bheith ann."

"Is mór a' t-íongnadh liom go mbeadh 'athrú amuigh an tráth seo d'oidhche."

"Dheamhan ab é 'athrú ariamh 'bhí ann."

"Dheamhan thiomanta t'athrú fhéin ariamh, a raibh láimh ná cois aige ann" = níor chuir aonduine eile lámh ná cos ná, cé's moite dhuit fhéin.

"Scaibhtéara críochnuighthe thú, a's ní hé athrú de chosamhlacht atá ort" = cosamhlacht a' scaibhtéara atá ort.

"Déanfa sé báisteach anois. Ní hé 'athrú de chosamhlacht atá air."

"Príosún a gheobhfas tú as a dheire. Ní hé 'athrú de chosamhlacht atá ort."

"Báithte bheidheas tú ar ball. Ní hé athrú de chosamhlacht atá ort, a's an tóir atá ar shnámh agad."

"Ag iarraidh achrainn atá sé. Ní hé athrú de chosamhlacht atá air."

"Aimsir bhriste í anois go cheann píosa. Ní hé athrú de chosamhlacht atá ar a' spéir, anocht."

"Rachmall pósta atá air. Ní hé athrú d'fhuadar atá faoi, ar an aimsir seo."

"Fear tolgtha é. Ní hé athrú de shnuaidh atá air."

"Bó fhabhtach í sin. Ní hé 'athrú de chuma atá uirre."

"Loiceadh a dhéanfas an cur sin. Ní hé athrú de ghotha atá air."

"Ní fhéadfa mé an cóta seo 'thabhairt dhuit mar níl athrú agam fhéin" = níl aon-chóta eile agam fhéin ach é.

"Fágfa mé orm na bróga seo, mar dheamhan a n-athrú agam."

"Cé'n chaoi a dtiubharfainn a' ceann sin dó, a's gan 'athrú gabhail liom." = gan ceann eile agam, ach é.

"Bídís maith nó olc anois, caithfe mé mo ghaisneas 'bhaint asta(b) mar dheamhan a n-athrú agam."

"Déan réidhteach leis a' máilín mine sin anois, mar ní bheidh athrú le faghail agaibh go dtí mí ó indiu."

"Má thugann tú leat a' lampa sin, níl athrú sa teach anocht."

"Bí aireach ar na stocaí sin anois, a's ná stiall iad, mar níl a n-athrú le faghail aghad, go cheann píosa."

"Má's beag, mór anois é, níl 'athrú sa teach, go bhféada duine eicínt sroicheachtáil go dtí'n siopa imbáireach."

"Má's mín garbh anois é, níl 'athrú agamsa le t'aghaidh."

"Níl aon-neart agamsa ort, mara ndeana an léine seo thú, mar níl a' h-athrú agam dhuit faoi láthair."

"Cuirfe mise athrú puirt ort" = "fágfa mise athrú scéal agad" = ní bheidh tú ar a' gcóir a bhfuil tú de mo bharr-sa.

"B'éidir go dtiubhradh sin athrú puirt dó" (nó athrú scéil)

"Ba mhór a phráidhinn asta(b) anuraidh; ach tá athrú scéil aige, i mbliadhna."

"Ní féidir cuid de na daoine a shású. Bíonn athrú scéil aca(b) chuile phuínnte sa ló."

"Is minic leis athrú scéil 'bheith aige" = is minic leis a intinn athrú nó a scéal athrú. Ní hé an scéal amháin bhíos aige maidin a's trathnóna.

"Dubhairt sé indé gurb é Pádraic se'aghainne ba 'scionntaighe, ach tá athrú scéil (nó puirt) indiu aige."

"Bíonn athrú scéil aige sin 'chaon dárna lá."

"Ní raibh sé sásta, mí ó shoin leis a' gcaoi 'raibh an saoghal ag imtheacht, ach tá athrú puirt aríst anois air."

Athrú [iolraidh athruighthe, athruightheachaí, athrúintí. Athrúintí is minicí mar uimhir iolraidh air. Is ionann's gurab é 'bhíos ann uiliog anois]

"Is iomdha athrúintí ar a' saoghal le scath(amh) fhéin."

"Tá athrúintí móra ar a tír seo, le scór bliadhain anuas."

"Is míllteach na h-athrúintí atá 'teacht ar an aimsir, an t-am seo 'bhliadhain."

"Ní fhaca mé leithide d'athrúintí 'teacht ariamh, sa samhradh."

"Is mór adéarfá leis a' ngeímhreadh, ach dhá dhonacht é, is corr-uair, a d'fheicfeá athrúintí mar seo air."

"Ní fhaca tú aon-duine ariamh a dtagann an oiread athrúintí air leis" = athruigheann sé intinn go minic, nó, buaileann taghdannaí é, agus annsin teigheann sé ar lághaigheacht aríst.

"Bhí an oiread athrúintí 'teacht air, (bhí sé cur an oiread athrúintí dhe) a's nach mbeadh fhios agad, cé'n nóiméad a mbuailfeadh sé thú."

"Is iomdha athrúintí a chuirea(nn)s a' tinneas sin fhéin de" = ní mara chéile bhuaile(ann)s sé duine nó bhío(nn)s sé ar dhuine i gcomhnuidhe. Bíonn biseach ag duine amanntaí a's é air, a's amanntaí eile is donacht bhíos air.

"Chuir sé cuid mhaith athrúintí dhe le dhá lá" = "tháinic cuid mhaith athrúintí air le dhá lá" = bhíodh árdú air amanntaí a's biseach amanntaí eile (othar).

Athrú (briathar), athruighim, d'athruigh, athrú etc.

"D'athruigh sé as an áit a raibh sé."

"Tá sé len athrú síos go Conndae na Midhe."

"Is gearr ó h-athruigheadh an sagart sin as a' bparáiste seo."

"Chuala mé go raibh an póilidhe sin len' athrú go goirid."

"Tá sé in áithrid a athrú lá 'bith feasta."

"Tá sé le na theach a athrú" = a dhul ina
chomhnuidhe idteach eile; teach nuadh a dheanamh in áit eile, nó dhá réir
sin.

"Tá sé le athrú 'chuir ar a' teach" = é athnuadhchan, é dheisiú etc.

"Tá sé athruighthe isteach go Gaillimh ar fad anois."

"Sílim gur gearr go n-athruighe mé uiliog as an áit seo" = go
n-imthighe mé go dtí áit eicínt eile.

"'Bhfuil tú 'brath ar athrú?" = imtheacht as an áit a bhfuil tú.

"Céard a chuir an t-athrú 'na cheann" = "cé'n fáth gur chuimhnigh sé ar
athrú." "Shíl mé nach raibh cuimhne 'bith athrú aige."

"Tá sé in am athrú" = a dhul abhaile de chuairt.

"Ní athrócha mé as an áit a bhfuil mé, go bhfeice mé liom"

"Tá sé ag athrú beithidheach" = a' cur bheithidheach ó áit go dtí áit eile.

"Tá sé ag athrú a chuid éadaighe" = a' cur éadaighe eile air, a's a' baint an
éadaigh atá air dhe.

"Is gearr ó d'athruigh sé" = ó tháinic malrait intinne nó baramhla
dhó nó ó d'fhág sé dream amháin poiliteachta le dhul indream
eile etc.

"Tá sé athruighthe ar fad le bliadhain" (in a bharamhlachaí)

"Is deacair cuid de na daoine 'athrú, ó chaithfeas siad rud in
a gceann."

"Ní féidir é 'athrú, ó thug sé faoi deara dhó fhéin an faisean
sin a' chéad uair."

"Tá na daoine ag athrú ar a' nGaedhilge go mór le goirid."
= a' labhairt na Gaedhilge in áit an Bhéarla.

"Is beag adubhairt sé inGaedhilge, gur athruigh sé ar a'
mBéarla."

"Labhair mise Béarla leis, ach d'athruigh sé fhéin ar a' nGaedhilge
ar a' bpuínnte."

"Is mór a d'athruigh an saoghal ó shoin."

"Nach hé an saoghal a d'athruigh, ó'n uair nach mbíodh tae 'bith ann."

"Nach mór a d'athruigh an saoghal, ó'n uair a chaithfeá a dhul Gaillimh d'aistear do chos."

"Nímé ab é an saoghal nó na daoine a d'athruigh."

"D'athruigh na daoine go mór le goirid: níor fhan nádúr ná carthannas a' bith ionnta(b) mar bíodh fadó."

"Tá'n saoghal ag athrughadh 'chuile lá."

"Má d'athruigh an saoghal fhéin, is fearrde na daoine é."

"Tá'n saoghal athruighthe go mór sa tír seo le cupla bliadhain, a's is fearrde cuid de na daoine an t-athrú, ach ní fearrde cuid eile."

"D'athruigh béasaí na h-áite seo go mór, le tamall."

"Tá chuile rud ag athrú anois, ach a' gealach 'sa ghrian."

"Mara bhfuil indán's go n-athrócha an saoghal go goirid, ní sheasfa na daoine é."

"Mara n-athruighe an saoghal, ní bhfuighe tusa aon-ghéilleamhaint" = ní thiubharfaidhear aon-áird ortsa ná ar do chuid cainnte.

"Is mór athróchas an saoghal, má tá indán's go bhfaighidh an dream sin aon-áird go bráth."

"Ní athró(chth)ar an saoghal aon lá amháin. Bíodh foighid agad. I leaba a chéile déantar na caisleáin."

"Shíl cuid de na daoine go n-athróchadh sé an saoghal de rith a's de léim" = d'aon-iarraidh amháin.

"Ní athróchtar in imtheacht bliadhna, ar dearnadh d'éagcóir a's de chréatúlacht igcaith(eamh) na gcéadta bliadhain."

"Mara n-athruighe tú béasa, níl mórán gna(ithe) annseo agad" = mara n-eirighe tú as a' bhfaisean atá ort etc.

"Mara n-athruighe sé béasa, agus eirigh in am ar maidin, ní choinneo(cha) mise é" (buachaill aimsire).

"Mara n-athruighe sé béasa agus leigean de'n ól, is beag a' ghna(ithe) atá de theach aige."

"Níl cuimniú 'bith féin aige béasa 'athrú."

"Mara n-athruighe béasa dhíot, a bhfuil tú 'ceapadh go nglac(f)ár i dteach a' bith thú."

"Mara n-athruighe sé béasa, tá gna(ithe) mhór de theach aige go deimhin."

"Má athruigheann sé béasa, b'fhéidir go dtiubhraí áird eicínt air, ach dheamhan fhios agam."

"D'athruigh sé 'béasa go mór, ó'n uair a bhíodh sé ag ól."

"Athrócha tú béasa, nó fágfa tú an áit seo" = athrócha tú t'fhaisean nó do chleachta, sin nó caithfe tú imtheacht as seo.

"Baol ar siúd go deimhin béasa 'athrú: tá'n iomarca dúil 'san ól anois aige le eirigh as."

"Is beag an baol air, béasa 'athrú: beidh sé ar a' gcóir céadna an fhad's mhairfeas sé."

"Dubhairt sé liom mara n-athruighinn béasa go dtiubhradh sé bóthar na muice báine dhom"

"Ná taobhuigheadh sí mise níos mó, mara n-athruighe sí béasa agus í 'fhéin 'iomchur go caoitheamhail."

"Mara n-athruighe tú béasa aige siúd, ní thiubharfa sé mórán ceathramhadh anama dhuit" = ní thiubharfa sé móran áirleacain nó ionbhadh duit (ag obair dó etc).

"Nach bhféadfá béasa 'athrú uair eicínt, agus gan a bheith ar a' táirm chéadna igcomhnuidhe."

"Chuir mé aithne air, mara n-athruigheadh sé béasa, agus buille maitheasa eicínt a dhéanamh, nach gcoinneochainn lá ná leiceann thar a' lá cáirde é." = chuir mé pearbhúl nó fainic air, mara n-eirigheadh sé as a' leaduidheacht a's as a' spreallaireacht, nach gcoinneochainn lá é, níos fuide ná'n uair a bheidheas a aimsir istigh.

"Mara n-athruighe sí béasa, a's fanacht in éadan a cuid leabhar 'san oidhche, fharrus a bheith ag imtheacht a' guairdeall ar bhóithrí, ní dhéanfa sí aon-mhaith."

"Mara n-athruighe tú bealaighe, (= béasa), ní ghlac(f)aidhear in aon-

áit thú."

"B'fhearr dhuit a dhul ar athrú beatha" = malrait beatha a chaitheamh; eirghe as a' mbeatha a chaithea(nn)s tú faoi láthair, agus a dhul ar bheatha eicínt eile.

"B'fhéidir go ndéanfadh athrú beatha aon-mhaith dhuit."

"Mara ndéana athrú beatha aon-mhaith dhuit, caithfe tú 'dhul chuig an dochtúr."

"Chuir an dochtúr ar athrú beatha mé" = "d'ordaigh an dochtúr dhom a dhul ar athrú beatha." "Ní fheadaim mo leath-dhóthain 'ithe ó b'éigean dom a dhul ar athrú beatha."

"Is fhearr dhom athrú liom go dtí áit eicínt eile" = crapadh liom, nó imtheacht. "Tá sé in am agad 'athrú leat anois as seo."

"Athruigh leat feasta." "D'athruigh na tincéaraí leo(b) indé as an áit sin thíos." = chrap na tincéaraí leo indé as an áit sin thíos

"D'athruigh a dhath (a shnuadh) nuair adubhairt mé é sin leis." = shinseáil a dhath nó a shnuadh.

"Bhí sé ag athrú dathannaí" = dreach caillte 'toidheacht air.

Ath-scoilteachaí = talamh cuir an darna bliadhain t'éis é
bhriseadh [T. B. — níor chuala mé i gCois-Fhairrge é]

"Bhí sé romhar aith-scoilteachaí."
"Aith-scoilteachaí é, ach má's seadh fhéin, féachfa mé le barr eile fataí
a bhaint dhe, imbliadhna."
"Tá giodán aith-scoilteachaí annsin thíos, agam, agus má's linn é chur
arís imbliadhna, ní mór dhó, cuimse leasú."

Baile = teach, árus, áit chomhnuidhe; roinnt tighthe abuil a chéile; réimse áithrid, nó roinnt áithrid ar a' dúithche, ar a' bpobal nó ar a' tír.
[Uimhir iolraidh — bailte, bailtí, bailteacha, bailteachaí. Bailteachaí go h-iondamhail, nuair nach mbíonn aidiacht ná ainm-fhocal a' bith eile igcuing aige, ach má bhíonn bailtí é, "na bailteachaí atá thart annseo", ach "bailtí móra", "bailtí cuain"]

Baile = Tá sé i mór chuid ainmneacha áiteachaí i.e. Baile Logán, Baile Láir, Baile na h-Aille, Baile an Lócháin, Baile Bán Áth Cinn, Baile na Feasóige, Sean-Bhaile Óithre, Baile Nuadh Óithre, Cnoc a' tSean-Bhaile, Leath-Bhaile, An Baile Bacach etc.
Chialluigh "baile" dá réir seo limistéar áithrid sa Sean-Reacht, suas a's anuas le chúig chéad acra Éireannach. ~~(Comhairtí, a's cuirtear fós ceithre ceathramhnaí sa mbaile — sa mbaile fearann nó sa mbaile biadhtaigh, agus is minic fós a tugtar ceathramha ar límistéar a mbadh córtha baile fearainn a thabhairt air, de réir fairsinge na dtighthe, a's leagan na cainnte anois. "Ceathramha Bhothúna" nó "Baile Bhothúna", is ionann iad anois, aindeoin nach raibh imBothúna tráth ach an ceathramha cuid de'n bhaile biadhtaigh. 'Sé an cás céadna le "leath-bhaile" é).~~ Glaoidhtear "leath-bhaile" anois, go minic, ar leath an bhaile fearainn, nó ar chúinne, ar thóin, nó ar scair dhe, a bheadh dealuighthe amach ó'n gcuid eile~~. Pé acu sin é, comhairtear níos mó na cheithre ceathramhna do chuid de na bailteachaí. Bíonn "ceithre ceathramhnaí fichead "An Ghleanna" (Gleann Lár Chonnacht) i gceist, go minic.~~ Tá tuairisc "na sean-bhailte" ag imtheacht i leaba a chéile, de réir mar tá forás, a's cairthiú a' teacht ar na "bailte nuadha".

Baile mór = baile a bhfuil méid chothrom ann; mar Ghaillimh, Baile Átha an Ríogh etc.

Sráid-bhaile = Baile beag a mbeadh siopaí, tighthe ósta, séipéal, teach posta etc. ann. Go h-iondamhail bíonn sé taobh le aon-tsráid amháin.

Baile margaidh = tugtar ar shráid-bhailte nó ar bhailte móra é, 'mbeadh margaidhthe ionnta, le freastal ar a' tuaith faoi gcuairt díob.

Baile cuain = caladh tráicht; baile mór chois cuain; sráid-bhaile chois cuain

Sean-bhaile: féach leathanach l. 21.

"Níl aon-duine istigh imbaile mór na Gaillimhe, is fearr saoghal ná é." "Gheobha tú aer bailte mór uaidh." "Is breagh an rud do dhuine a dhul ar aer a' bhaile mhóir, corr-uair." "Is suarach an áit do duine a bheith istigh ar shlata an bhaile mhóir, a' breathnú uaidh." "Phós sí istigh ar chluais an bhaile mhóir" = i bhfoisceacht mbeannuighe Dia do'n bhaile mór, 'sna 'Líbertí'." "'Ní h-ionann a dhul do'n bhaile mór, a's é fhágáil'" = [sean-fhocal] = baineann moill de duine dhá bhuidheachas, ar a dhul do'n bhaile mhór dhó. "Bail ó Dhia ort! a bheith sa mbaile ag a' ceathair a chlog! Ar chuala tú ariamh é: 'ní h-ionann a dhul 'na bhaile mhóir, a's é fhágáil.'" "Shíl mé nach ndeanfainn de mhoill, ach feadh's mé an ceap a fhaghail, ach chinn orm imtheacht uaithe. Ó deir siad 'nach h-ionann a dhul do'n bhaile mór a's é 'fhágáil." "Nach éasca leat a theacht abhaile! Deirimse leat nach h-ionann a dhul 'na bhaile mhóir, a's é fhágáil." "'Fear gan airgead imbaile mór, is olc a' lón dó goile géar'" (sean-fhocal) = is olc a' rud de dhuine goin ocrais dhá bhualadh sa mbaile mór, má tá sé ar phócaí falamha." "Bhuail goin ocrais mé, ach céard d'fhéadfainn a dhéanamh. 'Fear gan airgead i mbaile mór' a mhic ó 'is olc a' lón dó goile géar'." "Bhí mé 'mo bhambairne; ó chaill mé mo chuid airgid. Bhuail ocras mé, ach

ach ní rabh fhios agham, cá dtiubhrainn m'aghaidh. 'Fear gan airgead i mbaile mór, is olc a' lón dó goile géar' — is olc sin'."

"Chomhair mé a raibh agam — bonn a's leithpighinn. 'Is gearr orm an bonn a's leithphighinn seo' arsa mise liom péin, a's sin é an uair a chuimnigh mé ar an rud adeireadh M. Th. 'ndéana Dia maith air: 'fear gan airgead imbaile mór, is olc a' lón dó goile géar'." "Dhá mbeinn ar mo bhealach abhaile, gheobhfainn duine eicínt a ndéanfainn teanntás air, le greim le n'ithe a thabhairt dom, ach 'fear gan airgead imbaile mór, is olc a' lón dó goile géar'." "Cé'r chás dom é, dhá mbeadh luach brioscaí fhéin agham, ach dheamhan cianóg ruadh a bhí a' gabhail liom, a's mo shean-eire ocrais orm. A's deirimse leat gur deacair a' sean-fhocal a shárughadh: 'fear gan airgead imbaile is olc a' lón dó goile géar'." "Ní bheadh clóic a' bith ar duine amach faoi'n tuaith, ach a' té a thiocfas 'na bhaile mhóir, tugadh sé lón nó costas leis ar mhaith leis fhéin, arae mar adeir a' fear fadó: 'fear gan airgead imbaile móra, is olc a' lón dó goile géar'." "Dheamhan áit níos gortaighe ná slata na Gaillimhe ag a' té, nach bhfuil lón nó costas aige! 'Fear gan airgead imbaile mór, is olc a' lón dó goile géar'."

"Níl i nGaillimh, ach púirthín siogán (= seangán) le h-ais bailte móra eile." "Muise ní baile mór é, ná píosa ar thóin baile móir" = níl fairsinge a' bith ann. "Sin é fhéin an baile mór eile" = ní baile mór chor a' bith é, nó má's eadh, is baile mór suarach é. "Bhí brothtuinn a' bhaile mhóir a' rith 'na dhiaidh." [féach "brothtuinn"]. "Nach hé an 'bligeáird' baile mór ceart críochnuighthe é" [sé'n bligeáird (= blackguard) baile móir an fior-bhligeaird, dar le lucht na tuaithe]. "Is geall le 'bligeáird' baile móir ag imtheacht anois é." "Mhúinfeadh sé 'bligeáirdeacht' anois do 'bhligeáird' baile móir." "Má tá mise beo, sin fear a chaith tamall in a stucaire coirnéil imbaile mór."

"Tá béasaí an bhaile mhóir anois aige." "Diabhal mé go mbeadh

puinntí gnaoidheamhlachta imbligeáird baile móir fhéin, ach maidir leis sin, fág as margadh ar fad é." "Tá'n baile mór an-phlúchtaighthe, le bheith cuibhrighthe istigh ann igcomhnuidhe." "Ní áirge mhór muise, d'aon-bhaile mór é siúd. Múinfe sé brainnsí bligeáirdeachta do na 'bligeáirds' is measa ann."

"Tá scoth-bhaile maith ann" = baile fearainn nó biadhtaigh a bheadh leath-mhór go maith. "Tá broscán mór tighthe ar a' mbaile sin." "Baile an-chuimseardha é" = na tighthe cruinn idteannta a chéile, a's gan iad scaipthe chor a' bith. "Tá na tighthe anonn 's anall ar a' mbaile sin." "Baile an-scaipthe é. Is buan a' píosa é, ó íochtar a' bhaile go h-uachtar a' bhaile." "Baile an-aistreánnach é" "Baile an-choimhneasach é" = tá cóngar bóithrí, traentacha a's eile ann (Achréidh — cóimhneasach). "Baile aerach, plúchtaighte, gleannach, achrannach, cumhang, deiseamhail etc é." "Baile réidh rosach é" [féach "réidh"] "'Fear imbaile nó baile i bparáiste'" = milleann cuilíneach amháin tréad. "'Níl tréad a' bith gan cuilthíneach' adeir siad, a's níl baile a' bith gan fear eicínt a mbeidh an ballséire air." "Ní beag de bhaile a' bith anglóir amháin. 'Fear imbaile a's baile i bparáiste' adeir siad." "Tá'n baile ina dhá muinntir ag a' diabhlánach sin siar. Marach eisean, b'fhurasta ceart a bhaint de'n chuid eile, ach cé beag a dhonacht' arsa tusa." "Chuirfeadh fear imbaile an baile thrídh 'na chéile. Chuirfeadh, a's dhá chrích Mhuire, nuair a bheadh oiread de'n chatmara air, a's go mbeadh sé 'cothú achrainn i gcomhnuidhe." "Ba bheag an ollóid an baile seo dhá chéile, gur casadh a' stolcáinín sin isteach ann. Anois, tá'n baile in 'árachaí 'chéile 'chuile ré soluis." "Tá'n baile in a bhruidhin chaorthann, ó phós sí sin isteach ann. Rúisc bhradach, bhréagach í, a's tá cúl a cainnte léithe, le 'chuile dhuine." Ba baile socair suaimneach é seo roimhe seo. Ach dheamhan iabh a' bith anois orrab (i.e. ar mhuinntir a' bhaile) ach in éadan a chéile, hébrí cé'n catmara a bhuail chor a' bith iad, le goirid."

"Tá dhá cheann a' bhaile in aghaidh a chéile anois." "'mbeidh tú a' (d)ul barr a' bhaile anocht?" "Bhí muinntear bharr a' bhaile ar cuairt aghainn aréir." "Tá mé 'ceapadh gur suas go dtí tighthe bharr a' bhaile a chuaidh sé." "Sa toin thiar de'n bhaile atá comhnuidhe air." "Tá sé soir go maith idtóin a' bhaile — teach ceann-tuighe a's an bhinn leis a' mbóthar." "Níl fad méire de roithleán istigh ar shlata an bhaile, ó briseadh roithleán Mhuinntir Ph." "Cuirtear páistí gan baisteadh i gclaidhe teorann a' bhaile." "Níl sé idir dhá chlaidhe teorann a' bhaile seo ar chaoi ar bith." "Tá sé ar éigin taobh thall de chlaidhe teorann a' bhaile." "Beidh fhios ag a' mbaile é, má chloiseann sé sin aon-cheo faoi." "Níl muinntear na mbailte seo réidh leis a' gcur fós." "Daoine dona atá ar na bailteachaí seo." "Níl eolas na mbailteachaí sin agham chor a' bith." "Tá go leor tamhnóga a's mion-bhailteachaí thart annsin, nach bhfuil fhios aghamsa chor a' bith." "'Chaoinfeadh mná na mbailte sib, a gcaraid a's a ngaoil' An fhad a's chuaidh a 'gcharactér' go raibh a n-anam ag na Naoimh' [as 'Amhrán na Trágha Báine']

"'Is deas an baile an baile seo,
Is deas an baile a mbímse
Is deas an baile 'chuile bhaile
Ach Claidhneach glas na bhFaochan'" [ceathramha d'amhrán]

"Baile réidh rosach é an S." = baile nach bhfuightheá mórán cuntanáis ann, mara mbeitheá indon cur ar do shon féin, a's tú teann in airgead, i riocht's nach mbeitheá tuilleamach ar aon-duine [féach "réidh"]

"Níl aon-fhear ar a' dá leath-bhaile seo baoghal a' bith ar a bheith chomh deiseamhail leis." "B'fhéidir go n-eireochadh leat coca a fhaghail ar a leath-bhaile thiar. Ní feasach mé aon-cheann a bheith ar a' leath-bhaile i bhfus ar chaoi 'r bith." "Is mó faoi dhó an fhairsinge atá ar a' leath-bhaile thiar." "Talamh gleannach, achrannach is mó atá ar a' leath-bhaile thoir." "Is cumasach a' baile bréag é an baile

céadna." "An-bhaile achrainn ariamh fhéin é." "Níor mhinic leis a' mbaile céadna a bheith ar a mhaltraid — ach a' troid." "Tá ordláimh (urláimh?) ar a' mbaile fré chéile anois aige. Taoiseach mór é" [féach "taoiseach"]. "Níl garruidhe ceart cuir a' gabhail leis a' mbaile céadna ó thula go fairrge." "Bhuail cumha indiaidh an bhaile é, a's tháinic sé aríst in a bhromachán bliadhna." "Cumha indiaidh an bhaile atá air." "Níl caitheamh a' bith indiaidh an bhaile aghamsa." "Is diadhachta dhó cumha a bheith air indiaidh an bhaile. Is olc a caitheadh leis, nuair a bhí sé ann!" "Ní beo í indiaidh an bhaile" = tá an-chaitheamh in a dhiaidh aice." "'Dhá dhonacht é an baile, is fhearr é 'ná bheith in' easba'" [sórt leath-fhocal]. "Níl aon-teach istigh ar a' mbaile nar siubhail sé, a's chinn air tada a fhaghail in a dheidh sin." "Sin é fhéin baile na ballséire" (nó "an baile le ballséire") = baile míadhásach, baile aistreánnach, do-shiabhalta; baile nach bhféadfaí aon-cheart a bhaint de'n mhuínntir a bheadh ann. "Ná samhluigh an baile sin liom thar aon-bhaile. Fhobair go bhfaghainn bás leis an ocras istigh in a cheartlár, a's ní fhaca mé an té a thairgeochadh braon tae dhom 'na dheidh sin." "Baile gann gortach é, Baile na C. D." "Baile gann gortach é an baile céadna 'chuile lá ariamh." "Baile gann gortach Bh! Sin é an baile, ar chuma 'r bith, 'mara dtuga tú leat arán an lá a dteigheann tú ann, go mbeidh tú an lá sin, i do throsca'." "Sin é fhéin baile na gorta(n). Ní thiubharfaidís greim ná deoir do dhiathshúlach ariamh, marar thug Cáit seo thiar aon-sciorta de'n fhéile léithe ann" [Pósadh Cáit ann go goirid roimhe sin). Baile na gorta = baile gortach, mío-ghnaoidheamhail, nó baile beo bocht dona. "Tuige a dtaobhochainnse baile na gorta(n)" "Bheinn thart d'uireasba fir muis, lá a bpósfainn fear as baile na gorta(n) s'agaibhse." [Gortan an tuiseal geineamh -nach ar ghorta sa gcéill seo. Tá sé fós sa leagan "béal

na gortan", ach tá'n n dá tligean go mór sa gcainnt]
"Má chastar muinntear bhaile na gortan aniar chugainn, is
gearr le dhul orra(b) an méid sin. D'íosfaidís siúd
an t-Ádh Mhuimhneach" "Is fada soir a bheadh sí
gabhail go dtí baile na gortan" [Bean a samhlóchthaidhe
pósadh leithe imbaile eicínt a bhí igceist a bheith bocht]
"Ní mór dhuit thú fhéin a shacadh go maith (i.e. le beatha), má's
leat bualadh soir go dtí baile na gortan sin thoir."
"Céard a chas go baile na gortan tú?" "A' mbeadh
fhios aghad beo ná baistighe, cé'n catmara a bhí uirre, an
chéad lá ariamh a ndeacha sí isteach ar bhaile na gortan
céadna" [bean a phós indroch-bhaile]. "'Sí a chuir í fhéin in
adhastar an anró, an lá ar thaobhuigh sí baile na
gortan céadna." "Ní fhearr dhuit a' bith é, ná 'bheith
dealuighthe amach as baile na gortan sin thiar."

Ar ghort a' bhaile: in aice láithreach; buailte orainn; go goirid;
go h-aibéil; a' tarraingt orainn; ionann's "ar a' talamh"
"Tá'n Nodlaic ar ghort a' bhaile aghainn anois." = is gearr
go mbí sé ina Nodlaic; is goirid go dteaga an Nodlaic.
"M'anam ó Dhia, go bhfuil lá (fhei)l' Pádraic ar
ghort a' bhaile, a's gan tada de'n Earrach déanta
aghainn fós imbliadhna." "Tá na Rástaí ar
ghort a' bhaile anois." "Is gearr 'aireochas muid an
geimhreadh a' sciorradh isteach anois. Nach bhfuil lá
Samhna ar ghort a' bhaile aghainn!" "Tá'n Bhealtaine
ar ghort a' bhaile cheana, a's gan spreab ithreach
spréidhthe fós." (gan gráinne coirce nó arbhair curtha.
Ithir nó luirg a tugtar ar thalamh a raibh fataí ann an bhliadhain
roimhe sin. Is ann a cuirtear coirce nó arbhar
i gcomhnuidhe i gceanntarachaí nach mbíonn treabhadh
a' bith. Fágtar iomrachaí nó gearrógaí na bhfataí in a
seasamh thar geimhreadh, sin nó múchtar an talamh, cé's
moite de chaolóidín, a cuirtear isteach ar a' gclaise aríst

chur an choirce].

"Tá sé thar am a bheith 'stócáil. Tá'n t-Earrach ar ghort a' bhaile." "Nar ba slán ceoil duit, a éinín! Níor chuala mé ariamh thú, go mbeadh a' t-Earrach a's an chruadhóg ar ghort a' bhaile" (fear a raibh drugal air, roimh an Earrach). "Tá'n 'pátrún' ar ghort a' bhaile aríst." "Chrap do chuid féir, maran leat amlughadh a thabhairt dó. Tá'n braon ar ghort a' bhaile." "Má tá sí ar ghort a' bhaile fhéin, tá sé in am sin aice. Is fada an tiormach é lé sé seachtmhainí sa lá indé" (báisteach). "Tá sí ar ghort a' bhaile anois" = bó a mbeadh a h-am ionann's caithte. "Mara 'bhfuil a h-am istigh, tá sé ar gort abhaile aige" = mara bhfuil a h-am caithte, tá sé 'fhoisceacht mbeannuighe Dia dhó. "Is gearr gurab é an foghmhar é: tá sé ar ghort a' bhaile againn." "Ní baileach go raibh mé inGaillimh, ach bhí mé ar ghort a' bhaile aige, nuair a tháinic an bháisteach." "Níl sé imBaile Átha Cliath fós, ach ba cheart dó a bheith ar ghort a' bhaile aige (n)óiméad a' bith feasta. Cheithre h-uaire a bhío(nn)s ar a' traen a' dul suas." "Ní aireocha tú an chuid eile de'n aistear. Támuid ar ghort a' bhaile anois." "Ba mhór ab fhiú dhuinn, gur choinnigh sé ó'n mbáistigh, go raibh muid ar ghort a' bhaile." "Is aisteach an áit ar buaileadh suas é, a's é ar ghort a' bhaile" = thug sé uaidh, (nó ní raibh sé indon a dhul ní b'fhuide le ocras, sliabh gortach, tuirse etc.) a's é ionann's sa mbaile." "Níor bhuail a' t-ocras mé go raibh mé ar ghort a' bhaile." "Bhí an ghealach agam, go raibh mé ar ghort a' bhaile." "Níor buaileadh suas an 'bicycle' orm go raibh mé anoir ag B. an D., a's níor chás a' bith dhom é, ó bhí mé ar ghort a' bhaile." "Tá sé in am aghainn a bheith ar ghort abhaile feasta' adeirim fhéin. 'Tá moill ort' adeir seisean. 'Dheamhan mórán le leath bealaigh fós muid'."

Los a' bhaile (féach "los").

"Níl baile ná teaghlach aige" = "Níl baile ná teach aige." "Deamhan teach ná baile a thaobhuigh sé ó mhaidin." "Is cuma leis siúd céard a dhéanfas teach ná baile, talamh ná tráigh." "Dhá mbeadh suím in a theach ná in a bhaile aige, ní ag imtheacht ar a' mbóithreoireacht sin a bheadh sé." "Níl aon-bhaile aige le dhul ann." "'Bhfuil sé i bhfad ó d'fhága tú an baile (= teach comhnuidhe, lóistín). "Dheamhan suím suip aige idteach ná imbaile." "Cé'n áit a bhfuil a bhaile" = Cá gcomhnuigheann sé? "Thuas annseo atá mo bhaile-sa." "Níl aon-bhaile aige — an duine bocht — ach ag imtheacht roimhe mar sin." "Is gearr nach mbeidh aon-bhaile agaibh, mara dtuga sib aire dhó, thar mar tá sib a thabhairt" = is gearr nach mbeidh teach ná talamh ná tada eile agaibh, mara dtuga sib áirde ar a' ngnaithe a's ar a gceann-oibre. "Dheamhan baile aige, anois, ach baile dona" = is suarach le rádh an teach nó'n áit chomhnuidhe nó'n talamh atá aige anois; nó duine a bheadh a' gabhail thart ar aimsir, a's a' baint scathamh amach is chuile áit.

"Is fada an lá gan baile é." "Níl go dona ann, ach a' té atá gan baile anocht" (droch-oidhche). "Is mairg a bheadh gan baile, leithide na h-oidhche anocht." "'Bhfuil sé i bhfad ó d'fhága sé an baile?" "Is gearr fágtha an baile mé" = is gearr ó d'imthigh mé as mo theach fhéin.

"'Bliadhain sa taca seo a d'fhága mise an baile,
a's a d'imthigh mé ó mo mháithrín'" (líne d'amhrán).

"Níl stró a' bith ort, go bhfága tú an baile, ach sin é an uair 'aireochas tú an Béarla." "Ná fág an baile anocht."

"'Fágfa mise an baile seo, mar tá sé in a chíor-thuaith-bhil,
A's leanfa mé mo ghrádh fhéin is gach áit dhá bhfuighe mé a tuairisc'"

"Déan do bhaile de'n áit seo anois" = "Ná bí cuthal ná coimhthigheach" = "ná déan droch-einneach ort fhéin." "Is fhearr duit do bhaile a dhéanamh de'n áit a bhfuil tú anois, go maidin."

"Níor fhága sé an baile" = rud a bheadh ar iarraidh, ach nach bhféadfadh a bheith i bhfad ó láthair.

"Tóruighidh an casúr dhom. Dar ndóigh níor fhága sé an baile."

"Tá sé in áit eicínt. Níor fhága sé an baile."

"Bainfidhear as do chleachta annseo thú. Ní sheo é an baile chor a' bith agad." "Caithfe tú theacht le na bhfuighe tú annseo. Ní sheo é an baile chor a' bith aghad."

Baile i bhfad siar = baile atá siar amach; áit an-fhada siar ar fad; áit nach mbeadh ann chor a' bith. Ar a' gcóir chéadna deirtear "baile i bhfad síos", nó "baile i bhfad suas".

"As baile i bhfad siar é" = strainséara nach mbeadh fhios cérb as é, ach gur aniar amach in áit eicínt é. "Tá sé chomh fada siar le baile i bhfad siar." "Bhí mé chomh fada le baile i bhfad siar" [= freagra a thiubharfaidhe ar dhuine caidéiseach a d'fhiafróchadh dhíot, cá'ide siar nó síos a bhí tú, a's gan aon -fhonn ort aon-tsásamh a tabhairt dó]. "As baile i bhfad síos mé" = freagra abartha ar dhuine a chuirfeadh caidéis ort cérb as thú. "As baile i bhfad siar é, sílim!"

"'Tosach buin a's téagair, a's an baile mar a chéile'" = leagan i gcártaí, a's cluithche nó bun dhá thionnscailt as a' nuadh. "'Tosach buin é — 'tosach buin a's téagair' adeir sé, 'as an baile mar a chéile." "'Tosach buin a's téagair' aríst é, a's an baile mar a chéile'."

"Chreidim go bhfuil sé 'in a thosach buin a's téagair, a's an baile mar a chéile aríst'." "Tá'n baile mara a chéile anois" = tosach buin. Níl cúig ag imreoir thar imreoir eile. "Tá'n baile mara chéile aríst, a' bhfuil?" = an tosach buin é? [féach "bun", "téagar"]

Ó bhaile: "Is gearr ó bhaile 'bhí sé, a's a bheith ar ais aríst"
"'Bhfeiceann tú B. annsin thoir, a's is gearr ó bhaile é, a's
dheamhan a mbeadh fhios ag an aos óg céard a bheitheá 'rádh dhá
dtosu(ghth)eá a' Gaedhilgeoireacht leo(b)." = níl sé ibhfad as an
áit seo. "Is gearr ó bhaile Gaillimh, a's dheamhan a raibh mé
ann le mo chuimne cínn." "Is gearr ó bhaile an C.
annsin thiar, a's dheamhan a dtiocfadh aon-duine
a' siubhal dhá chois ann anois." "An fear adubhairt é
sin, liom, tá aithne agad fhéin air: is gearr ó 'bhaile
é." "Is gearr ó bhaile 'chuaidh sé ag iarraidh mná.
Níor fhága sé béal a dhoruis fhéin. Ach deir siad 'pósadh
ar a' gcárn aoiligh, a's do bhó a dhíol i bhfad ó bhaile'."
"Is gearr ó bhaile é, má tá tú dhá iarraidh." "Is gearr
ó bhaile chor a' bith M. Mh." "Is gearr ó bhaile an bhean
adubhairt liom a' méid sin." "Is gearr ó bhaile a
thiocfas mé, nó's cinneamhaint orm é." "Is fada ó bhaile
a thug a chosa é!" "Nach fada ó bhaile thug do chosa
thú — siar Casla." "Níl a' té sin ibhfad ó bhaile chor a' bith."
"'Tá féar fada a's fásach ingleanntán áluinn i bhfad ó
bhaile.
A's cuaichín Ghleanntán Éifinn nar fhéad mé ariamh a
mealladh'"
"Mara bhfagha sé aon-bhean i bhfad ó bhaile, dheamhan duine
a gheobhfas sé sa ruta seo, anois." "Mara mbeadh fear
i bhfad ó bhaile ann go díreach, dheamhan duine eile a
bhuailfeadh fúithe." "Is glas iad na cnuic i bhfad ó bhaile" = "is
glas iad na cnuic i bhfad uainn, ach ní féarmhar." = "bíonn
adharca móra ar na beithidhigh i bhfad ó bhaile."
"Is fearr i bhfad ó bhaile é." "Má's i bhfad ó
bhaile nó ingar do láthair é, 'sé'n cás céadna liomsa é:
Ní thaobhócha mé é." "Tá sé idtír eicínt i bhfad ó
bhaile." "Níl tuairisc ná fáisnéis air, le na
cianta: d'imthigh leis go dtí tír eicínt i bhfad ó bhaile."

"Austria! — ab shin ceann de na ríoghachta i bhfad ó bhaile?" "Fan i bhfad ó bhaile, go leige sé siúd faoi, nó má bheireann sé ort, dheamhan deoir a fhágfas sé ionnad." "Ní i bhfad ó bhaile a bhí muide, dhá mbeadh fonn air cuireadh a thiubhairt dúinn." "Cáid ó (= cá fhad ó; d caol in fhad i gcomhnuidhe) bhaile 'bhí tú" = cé'n t-achar; nó cé mhéad míle nó cé'n áit. "Cá'id a chaith tú ó bhaile?" = cé mhéad aimsir a bhí tú imthighthe. "Cá'id ó bhaile a bhí thú, nuair a tháinic an bhaisteach ort?" Freagra — "míle ó bhaile", "dhá mhíle ó bhaile", "tamall maith ó bhaile", "achar deas ó bhaile"; "ní raibh mé achar a' bith ó bhaile"; "ní raibh mé an fhad's seo a's an Chloich Mhóir ó bhaile" etc. "Ní raibh mé fad coisméig coiligh ó bhaile ariamh." "Cá bhfuighead sé gus a bheith ann, a's nach raibh sé fad coisméig coiligh ó bhaile ariamh" "Ní raibh mé achar a' bith ó bhaile, nuair a chlis sé orm" (an rothar). "Ní mian leis a dhul mórán achair ó bhaile." "Hébrí cé'n t-achar a bhí mise ó bhaile, dheamhan a raibh tusa an t-achar sin fhéin." "Is fad ó bhaile indiu, an té a rinne í sin — tá sé thall i gCalifóirne." "Is olc a' lá é ag a' té atá i bhfad ó bhaile." "'Bhfuil i bhfad ó bhaile oraibh go dtí an mhóin?" = 'bhfuil oraibh a dhul i bhfad ó bhaile i gcoinne na móna. "Cá'id ó bhaile atá oraibh go dtí teach a' phobail?" "Má's ag iarraidh mná atá sé, níl call dó a dhul mórán ó bhaile." "Is fada ó bhaile a thiocfadh duine, nuair a bhuailfeadh meanmna mná é" = thiocfadh duine aistear fada, nuair a bheadh fonn suirghe air. "'Bhfuil sé an fhad sin ó bhaile?". "Ní rabh fhios agham go raibh sé chomh fada (sin) ó bhaile." "Is fada ó bhaile an áit chéadna" = áit áistreannach; áit a bheadh iargcúlta nó isteach faoi'n sliabh, nó ibhfad ó'n mbóthar, nó a bhualadh na ndaoine. "Is deas a' coisméig ó bhaile anois é." "Óchón ó, i bhfad ó bhaile!" adéarfadh duine dá mbeadh tuirse, codladh nó tinneas air in áit chuideáin. "Bíonn smideannaí beaga ag duine i bhfad ó bhaile."

"Is bocht a' chaoi é, i bhfad ó bhaile." "Is beag (d)e mhúineadh thú i bhfad ó bhaile." "Níorbh ait leat fhéin an droch-cheann a chaitheamh leat, i bhfad ó bhaile." "Bíodh béal marbh agad i bhfad ó bhaile" = ná h-abair tada ar fhaitchios go gcuirfí ort. "Nach beag 'fhaitchios atá ort i bhfad ó bhaile." "Ba beag de'n ghlaodhmaireacht sin a bheadh air, i bhfad ó bhaile." "Ní ceird a' bith í sin de dhuine i bhfad ó bhaile, a's gan fhios aige, faoi thalamh an domhain, cá mbíonn sé 'cainnt, nó cé 'bheadh ag éisteacht leis." "Dia dhár réidhteach, i bhfad ó bhaile" (cineál leath-fhocail: déarfaidhe in áit a' bith anois é, nuair a bheadh duine in an-chaoi ar chuma eicínt, ach is cosamhail, gur lucht bóthair a's bealaigh a thionnscail é an chéad uair). "Dia dhár réidhteach, arsa tusa, i bhfad ó bhaile." "Dia dhílis dhár réidhteach i bhfad ó bhaile." "Dia dhár réidhteach! I bhfad ó bhaile, a's gan aithne aghainn ar aonduine." "Is gearr ó bhaile an mhóin, má tá fonn uirre a dhul 'na coinne." "Is gearr ó bhaile chor a' bith an abhainn." "Is gearr ó bhaile a bhí air a dhul, marach corp díomhaontais, a's leisce." "Tá sé imthighthe ó bhaile (ó'n mbaile freisin) indiu" = "tá sé ó bhaile indiu." "Cuireadh scéala ó'n mbaile chuige." "Tá sé achar ó bhaile" = píosa maith bóthair = "tá sé scathamh beag ó bhaile." "Tá sé an-achar go deo ó bhaile anois." "Nach fada ó bhaile a chuaidh sé" (= scéal a bheithidhe ag iarraidh a choinneál ina rún, a's scaipfeadh sé ina dhiaidh). "Níorbh fhiú dhi a dhul chomh fada ó bhaile leis, scáth a raibh le n-innseacht aice" (scéal a d'innseochthaidhe, nó a leigfidhe amach, scathamh ó bhaile). "Is fada ó bhaile a chuaidh an tsiomóid (seamóid? = ráfla) sin fhéin." "M'anam gur fada ó bhaile a chuaidh an bhréag sin" = scaipeadh í, i bhfad, a's ingearr." "Chuaidh a cháil is 'chuile áit i bhfad ó bhaile."

Sa mbaile = ag do theach nó t'árus, nó in t'áit chomhnuidhe.

"'Bail ó Dhia ort, a Sheáin
Is deas a d'íosfá ceaille'
'D'íosfainn maith go leor
Dhá mbeadh mo bhean sa mbaile'" (Rann adeirtear do pháistí).

"Cá'id a bheidheas sa mbaile agad?" = "cá'id a gheobhfas tú sa mbaile?" = "cé'n scíth a bheidheas agad sa mbaile" = "cá'id a chaithfeas tú sa mbaile?" = duine ar scith ó choláiste, ó Ameriocá etc. "Cá'id a bheidheas aige sa mbaile, anois." "Is beag is ionann é le bheith sa mbaile" = is fhearr a' baile ná é. "Thuit dom a bheith sa mbaile roimhe" = thárla dhom etc. "Is gearr a bhí sa mbaile aige, chor a' bith faoi'n Nodlaic" = is gearr a' scith a fuair sé. "Ní bheidh aon-lá sa mbaile aríst agham, go Cáisc." "Tá sé 'cothú sa mbaile i gcomhnuidhe anois" = "tá sé síorruidhe sa mbaile." "Is mór a' t-iongnadh nach n-eireochadh posta eicínt leis, fharrus a bheith sa mbaile." "Tá sé fanta sa mbaile anois" (i.e. ó'n scoil) = scuireadh de'n scoil. "Is gearr go bhfana mé sa mbaile ar fad." "Ar a' dá luath a's a mbeidh mise cheithre bliadhna déag fanfa mé sa mbaile." "B'éigean duinn é 'choinneál sa mbaile ó'n scoil indiu, ingeall ar a' gcruadhóig." "D'fhan sé sa mbaile indiu, a' gort-ghlanadh." "Ní choinneocha muid sa mbaile é, go gcínne orainn." "Deir tú leis, atá ag iarraidh fanacht sa mbaile ar fad anois" (i.e. ó'n scoil) "Nach 'bhfuil sé chomh maith dhó fanacht sa mbaile thárla nach bhfuil aon-luighe leis a' scoil aige?"

"Ba chóra dhuit fanacht sa mbaile" = ba chóra dhuit fanacht as, nó gan a dhul ann (ag imirt chártaí; duine "a dhul isteach", nó mámh a chur 'san áit nach mbeadh aon-iallach air é chur). "Tuille glugair agad! Breagh nar fhan tú sa mbaile!" = "breagh go ndeacha tú ann!" "Sin é an gléas ort, a's a fhusacht duit fanacht sa mbaile." "Tá tusa ro-sháithteach ar fad. Feicfe tú fhéin, go bhfanfa

tú sa mbaile feadh's mise a bheith réidh leat."
"Múinfe sin thú fanacht 'sa mbaile aríst!" = nuair a buailfí cárta ar dhuine, a rachadh isteach nuair nar chall dó é. "Ba chóra dhuitse do shean-sheaichtín a choinneál sa mbaile, a's gan a bheith dhá sháthadh isteach faoi fhear cúig." "Badh é do cheart-sa fanacht sa mbaile, a's gan cuir isteach faoi'n té a bhí falamh." "D'fhan tusa sa mbaile le do bhainrioghan, a's fios agad, go raibh sé a' gabhail fiche!" "Níor cheart dom fanacht sa mbaile le mo shé, dhá dhonacht dhá raibh sé." "Ní fhanfa mise sa mbaile ach an oiread le duine. 'An té a bhfuil pocaide gabhair aige, bíod sé i lár an aonaigh leis'." "Is beag a' tsamhaoine dhomsa fanacht sa mbaile, 'thárla nach bhfuil aon-duine eile a' fanacht sa mbaile." "D'fhéadfá fanacht sa mbaile le do Rí, a's fios agad go raibh mé ar a' gcúig." "Dhá bhfanainn sa mbaile le mo h-aon, gheobhfainn cúig eile, ach' 'na dhiaidh a fheicthear do'n Éireannach a leas' adeir siad." "Badh í do críonnacht fhanacht sa mbaile le do dheich, an babhta seo. Casadh 'san áit chontráilte é."
"Dhá mbeadh an imirt a' teacht chomh fada liomsa, dar mo choinsias, d'fhanfá sa mbaile le do Rí aríst!" "Is fada sin a' teastáil uait! B'fhéidir go bhfanfá sa mbaile an chéad uair, eile, a's nach mbeitheá chomh sáiththeach a's tá tú."
"Dhá gcloiseadh a' dream atá sa mbaile é seo, chuirfeadh sé a sáith iongantais orra(b)" = an dream atá sa ruta ar b'as muide
"'Bfhearr liom sa mbaile in aice mo ghaolta
A' síor-dhéanamh grínn, a's a' bréagadh ban óg
Ná a cómhrádh leatsa a chailleach na bruidhne
A bhío(nn)s in do shuidhe 'san oidhche, a's do chodladh sa ló'
[As amhrán — "Cnoc Leitir Móir"].
"D'iagcóir Dé dhuit, nar fhan sa mbaile." "Níl sa mbaile anois, ach mac amháin" = mac amháin atá sa teach anois; tá'n cuid eile imthighthe nó a' saothrú, nó pósta.

"Fágadh sa mbaile é" = cuireadh é sa roilic.

"Ní raibh sé sa mbaile ariamh go dtí anocht — an duine bocht" = déarfaidhe seo an oidhche a gcuirfí duine. "Ná bac le Deaideó níos mó a leain(bh)ín. Tá sé sa mbaile." "D'fhágamuid sa mbaile é — an créatúr. Is gearr go mbí na sean-anndúirí imthighthe fré chéile." "Fágfaidhear 'chuile dhuine sa mbaile chomh maith leis, lá eicínt." "Tá sé sa mbaile anocht, fharra's ariamh!" "Sin é cúrsaí an tsaoghail. Níl aon-séanadh ar a' mbás, go bhfoire Dia orainn! Tiocfamuid uilig abhaile lá eicínt, má's fada gearr é." "Ar fhága sib sa mbaile an sean-fhear bocht?" "'Tá sé fágtha sa mbaile againn thiar ar a' C. Déanfa a cholainn creafóg, ach tá 'anam bocht ag Dia, a's déanfa Sé rud maith leis." "Badh í an oidhche í, thar oidhcheanntaí an domhain, ar fhága muid M. Ph. Mh. sa mbaile" = ar cuireadh é. "Dhá bhfágtaí 'chuile dhuine sa mbaile chomh fiuntach leis, ní bheadh aon-ughdar casaoide ag na daoine!" = bhí neart óil ar a' tsochraide! "Tugadh 'fuadach ghéar na cille dhó, gur fágadh sa mbaile é." "D'fhága sib sa mbaile é? Ach ní móide gurb fhearr le cuid de na daoine fear a mbeadh siad a' bualadh fóid air!" [Gob an chuid deire, arae bhí 'béal na fuaighe a' leigean rud chuig béal na truaighe']

"Is beag le fágtha sa mbaile a bhí an sean-fhear, nuair a bhí an chlann in árachaí 'chéile, a's chuile dhuine a' strócántacht ag iarraidh a chuid fhéin." "Tá sé a' tarraingt abhaile" = duine a mbeadh déanta le na bás. "Is gearr é shaol anois, an duine bocht. Tá sé a' tarraingt abhaile."

"An lá ar fágadh P. Mh. sa mbaile, a gortuigheadh é."

"Sí'n roilic a bhaile feasta, ó indiu amach." "Sé'n rud is lugha, dóibh é 'chuir abhaile go gnaoidheamhail, a's ar fhága sé acab" = "Is cumaoin dóib sochruide mhaith a chuir air, a's ar fhága sé de mhaoin in a dhiaidh." "Ní raibh sé fágtha sa mbaile chor a' bith, nuair a 'facthas' é."

Ag baile = ins a' teach comhnuidhe; ins an árus; sa mbaile. "Níl sé leath chomh maith ag baile aige." "Nach gearr a d'fhan tú ag baile." "Níorbh fhearr liom áit, dá gcaithfinn tamall, marach nach bhfuil aon-duine ag baile 'mo dhiaidh." "'Bhfuil sé de rún ag duine 'bith fanacht ag baile indiu?" "Níl sé ar iomchur agham: d'fhága mé in mo dhiaidh ag baile é." "Má's fíor di fhéin muis, chleacht sí fuigheall na bhfuigheall ag baile." "Is beag a' mhaith dhuinne, céard atá ag baile aghad, mara bhfuil sé agad, annseo." "Tá sé ag a' mbaile ar an aimsir seo."

"Buail amach faoi'n mbaile" = ar fud an bhaile. "Tá sé imthighthe amach in áit eicínt faoi'n mbaile." "Gheobha tú amach faoi'n mbaile é, má tá tú dhá lorg." "Níl sé faoi bhaile, in áit a' bith" = níl sé in aice an bhaile in áit a' bith. "Tá sé gar do bhaile anois" = in aice baile. "Mara bhfuil sé gar do bhaile, ní thiocfa mise ina choinne." "Bhí mé gar do bhaile, nuair a tháinic a' toirneach." "Tá an múr sin gar do bhaile anois" = gar do láthair; is gearr go dtaga an múr sin. "Tá'n toirneach an-ghar do bhaile (nó an-ghar do láthair)." "Is gar do bhaile é an ruagán sin" (urchar, toirneach, nó fothromán ar bith). = "níl an ruagán sin i bhfad ó bhaile. "Níl a' t-urchar sin i bhfad ó bhaile." "Is gearr ó bhaile an torann sin." "Ní raibh mé chomh fada ó bhaile, (= ó láthair) a's nach gcloisfinn thú, dhá nglaoidhteá orm." "Tá'n toirneach sin an-bhodhar. Chaithfead sé nach bhfuil sí gar do bhaile." "Dhá mbeadh sé gar do bhaile in aon-áit, chloisfeadh sé an t-allar sin." "Tá'n Nodlaic gar do bhaile anois" = is goirid go mbí sí ar fághail; tá sí ar ghort a' bhaile aghainn. "Tá'n Carghaos an-ghar do bhaile" = tá sé ionann's ar faghail. "Dheamhan a' féidir go bhfuil an Fhéil Pádraig chomh gar sin do bhaile, a's gan síol i dtalamh fós aghainn." "Is maith gar do bhaile atá 'n bháisteach anois."

"Tá sí gar go maith de bhaile anois" = bó a mbeadh a h-am; ionann's thuas nó istigh, nó caithte [bean a' bheadh ag iomchur freisin]. "Phós sí gar go maith do bhaile." "Is gar do bhaile a bhí fód a bháis, aindeoin ar shiubhail sé." "Tá a ghabhaltas gar go maith do bhaile." "Nach gar do bhaile atá an mhóin agaibh?" "Nach gar do bhaile a chuaidh sí" = bean a phósfadh gar do'n áit ar rugadh a's ar tóigeadh í. "Ab shin é 'bhfuil sé ó bhaile?" "Ab shin é 'bhfuil de bhaile aige?" "Sin é 'bhfuil de bhaile aige." "Is beag de bhaile atá agham." "Leis a' mbaile i gcomhnuidhe é" = ní fhágann sé an baile chor a' bith; cothuigheann sé an baile i gcomhnuidhe. "Leis a' mbaile mise indiu." "Leis a' mbaile i gcomhnuidhe, Peadar." "Tá sé in áit eicínt ar fud an bhaile." = "tá sé áit eicínt thart faoi'n mbaile." "Tá sé as baile indiu." "'mbeidh sé i bhfad as baile?" "'bhfuil sé i bhfad as baile" = bhfuil sé i bhfad imthighthe ó'n a theach "'bhfuil sé i bhfad ó bhaile" = bhfuil sé i bhfad bealaigh ó'n a theach "Níl sé le faghail amuigh ná i mbaile" = in aon áit. "Níl a thuairisc amuigh ná i mbaile." "Ní bhfuair mé amuigh ná i mbaile ariamh ó shoin é." "Níor facthas amuigh ná i mbaile ó'n lá sin, go dtí an lá indiu é." "Dhá mbeadh sé amuigh ná imbaile, bheadh tuairisc le faghail air, in áit eicínt, ach dheamhan scéal ná scuan faoi ag aonduine." "Ní bhfuair mé dubh ná dath ná tuairisc mo chaoirín amuigh ná i mbaile, ariamh ó shoin. Cneamhaire eicínt a d'árduigh leis í a's a d'ith í. 'D'eile!" "Ní feasach mé faoi'n mbogha bán, cá'il sí — amuigh ná imbaile." "Tá sí in áit eicínt amuigh ná imbaile. Níor shluig a' talamh í — níor shluig sin." ["Ar a' mbaile", "sa mbaile". Cialluigheann "sa mbaile", sa teach 'san árus, nó ar fud a' bhroscáin tighthe atá i gceist i.e. "níl sé sa mbaile indiu"; "ní chomhnuigheann sé sa mbaile seo ar aon-nos". Maidir le ar baintear leas as, le suidheachan nó ceann ar leith a shonnrú i.e. "níl fear ar a' mbaile, nach bhfuil imthighthe"; "Tá sé idteach eicínt ar a' mbaile".]

Abhaile = go dtí, nó a' déanamh ar a' teach, ar an árus, nó ar an áit chomhnuidhe. "Is deas a' tráth teacht abaile é, anois."

"'Marcuigheacht go Gaillimh, a's cead siubhal abhaile'" = leath-fhocal. "D'iomchuir sé siar mé, a's thug sé cead dom bóthar, a's bonnaidheachaí a bhualadh aniar ar ais. 'Marcuidheacht go Gaillimh a's cead siubhal abhaile'." "Ba tútach a' rud dó thú a thabhairt síos, mara raibh sé de rún aige thú a thabhairt aníos aríst. 'Marcuidheacht go Gaillimh a's cead siubhal abhaile' mar adeir a' ceann eile."

"Ná raibh ann marar imthigh an bus ingan-fhios dom, a's b'éigin dom é 'siubhal aníos. Sin é an marcuidheacht go Gaillimh, a's cead siubhal abhaile' agad." "Níor airigh mé an 'bicycle' imthighthe go dtáinic mé amach, a's dheamhan a dhath a d'fhéadfainn a dheanamh, ach é shiubhal. Dar príosta sin é 'an marcuigheacht go Gaillimh, a's cead siubhal abhaile'." "Bhí cainnt ar mharcuigheacht go Gaillimh a's cead siubhal abhaile, ach mise ab éigin é a dheanamh indiu."

"Is deas a' chaoi orm é anois, marcuidheacht go Gaillimh, a's cead siubhal abhaile." "Ní fhaca tú a leithide de bhail ariamh dhá chur ar dhuine. Bhí an 'bicycle' árduighthe uaidh, ag S., a's b'éigean dó siubhal aníos, aindeoin gur gearr a bhí le dhul aige. 'Marcuigheacht go Gaillimh, a's cead siubhal abhaile' a bhí ann."

"Tabhair dhá shiubhal abhaile é" = brostuigh abhaile.

"Tá'n t-aistear abhaile romhainn fós." "Ní tada é an t-aistear a' teacht, le h-ais an aistir abhaile." "Ní shrianfa mé abhaile go deo leis an ocras." "Bhí mé a' déanamh abhaile dhom fhéin, 'san am ar tháinic sé suas liom, a's tabhair seanchuidhe air" (i.e. cainnteoir)

"Cuirfe mise abhaile an méid sin aige aríst" = dhá gcloisfeá cainnt indiaidh dhuine, go gcasfá leis aríst í, nó go dtiubhar-fá len' innseacht dhó, ar bhealach eicínt, gur chuala tú í.

"Ná bac leis! Cuirfe mise na bréaga abhaile aríst chuige."

"Tiocfa an méid sin cainnte abhaile (ch)uige feicfe tú fhéin air."

"Níl agamsa ach a' méid sin a innseacht do P. Bh., a's feicfe tú fhéin air, gur gearr go dteighe an méid adubhairt sí abhaile chuige."

"Dar a shon go maslóchadh sé mise. Níor thug sé abhaile leis é ná aon-duine dhá dhreám" = ní bhfuair sé ann fhéin mise a mhaslú; b'fhearr mise ná é fhéin; is fhearr an mianach daoine a dtáinic mise uatha(b) ná é fhéin; níor thug mé (sé etc.) ó bhruinn liom é; níor pháirt de cháilidheacht mo (a, etc) mhuinntire é (pé'r bith cé'n rud áithrid atá i gceist). "Níl mé bradach, a's níor thug mé an bhradghail abhaile liom." = níl sí de dlúth ná d'inneach ionnam; bheinn a' dul in aghaidh dúthchais dhá mbeinn bradach.

"Is furas aithne! Thug a' dream sin a' bhrocamas abhaile leo(b)."

"Níor thug mise na bréaga abhaile liom chor a' bith, ní hé t'fhearacht fhéin é." "D'eile céard a dhéanfadh mac a' chuit ach luch a mharbhú. Nar thug sé sin an chneamhaireacht abhaile leis!"

"InDomhnach ní iongantas mór é sin a fheiceál ag ól. Nach hé an t-ól a thug sé abhaile leis i dtaobh athar a's máthar." "Níor thug mise an tsailigheacht abhaile liom, chor a' bith, ní hé sin 'fhearacht agadsa é, nar facthas léine ghlan ar do chraiceann ó'n lá'r rugadh thú" "Míle buidheachas le Dia, níor thug mise an béasa sin abhaile liom chor a' bith. Mianach glan daoine a bhí 'mo mhuinntir-sa, igcomhnuidhe ariamh." "'Sí an chabhghail a thug an ceann céadna abhaile léithe. Níor fhéad a máthair a béal a choinneál ar a chéile ariamh, gan fuadach a chuir faoi chuile scéal a chloisfeadh sí." "Ní fheadfa tú a rádh chor a' bith go dtáinic a' bhoichteanas abhaile liomsa, ní hé sin duitse, nach raibh ariamh, ach ag iarraidh a bheith 'cur stuaim ar a' nganntan. Ach is leitheadaighe a labhr(ochth)á anois a fhlaisceach, ná'n té a chleacht fuighleach." "Níor thug tú abhaile leat, go bhféadfá aon-cheo a chasadh liomsa. Dream gnaoidheamhail, amuigh a's imbaile, iad mo mhuinntear-sa, ní hé sin do lucht na bhfaochan, a's na mine buidhe é."

"InDomhnach níor thug tú abhaile leat go bhféadfá aon-cheo a chaitheamh in mo bhéal-sa. Ba mhinic a bhain mé an t-ocras díot fhéin, a's de'n bhrothtuinn chlainne atá agad."

"Áit buaile ná sean-bhaile" = áit fheilmheanach; áit chóireamhail; áit rathamhail; áit bhantáisteach, iarmhaiseach nó thairbheach; áit nach mbeadh aon-ghnaithe ag duine fuireacht ann; áit a mbeadh áirge ná éadáil a' bith do dhuine. [Ní baintear leas as, ach i ráidhtí diúltacha].

"Ní áit buaile ná sean-bhaile dhuinne an áit seo níos mó. Teanam abhaile." = níl aon-ghnaithe aghainn annseo níos mó. Tá ar ngnaithe déanta ann. Ní thiocfa sé 'un tosuigh ná 'un tairbhe dhuinn, fanacht ann níos fuide." "'Ní áit buaile ná sean-bhuaile dhuinn a' t-aonach seo níos mó' adeir P. Ch. liom fhéin. 'Is fhearr dhuinn a bheith a' baint coisméig' as abhaile."

"Ní áit buaile ná sean-bhaile dhomsa an teallach seo, a's a bhfuil de chruadóig amach romham." "Gheobhfainn neart naithidheachta uatha(b), dhá ndéanainn mo chuairt, ach níorbh áit buaile na sean-bhaile dhomsa a bheith a' coinneál naithidheachta le dhá scraiste (= cnaiste), a's mo chuid eorna(n) a' tuitim dhá ceann." "Bhí muid dhá uair go láidir ar a' gcarraig, 'san am ar bhuail ceann cruachán M. B. Chuir sé dhá shean-urchar sa bhfairrge é, a's chornuigh sé suas a' dorugha. 'Ní áit buaile ná sean-bhaile d'aonduine an charraig seo' adeir sé, a's leig sé leis fhéin suas a' dúirling." "Ó tarraingeadh anuas cúrsaí pósta, níor mhian leis moill a' bith a dhéanamh ní ba mhó. Shíl sé chreidim — a's ba mhaith an síleachtáil dó é, arsa tusa — nachar áit buaile ná sean-bhaile a' bith dhó, teach a bhfuil triúr inghean le cur i gcrích ann fós." "Ní áit buaile ná sean-bhaile do dhuine a' bith a bhfuil aon-tsuim in 'anam aige, teach amhus, mar é seo." "Níorbh áit buaile na sean-bhaile d'iascaire 'bith an fheatha mhóir (= an mheath mhóir?) indiu. Dheamhan priocadh a gheobhfá ann go faoithin." "Níl gar dhá mhoill anois, arae ní áit buaile ná sean-bhaile do dhuine gnaoidheamhail a' bith an áit seo." "D'fhéadfá a rádh nach áit buaile ná sean-bhaile, d'fhear stuic na h-aontaighe ar an aimsir seo!"

"Ní áit buaile ná sean-bhaile d'aonduine coirnéil a' bhaile mhóir seo, mara bhfuil na stucairí coirnéil ann go díreach."
"Cé'n éadáil atá le faghail agad chois a' chlaidhe seo. Ní áit buaile ná sean-bhaile d'aonduine é, a's chomh crotalach a's atá an aimsir." "Shílfeá nach áit buaile ná sean-bhaile d'aonduine na bóithrí céadna — an tráth seo 'bhliadhain, go h-áithrid — ach dheamhan a' beo iad, in a dheidh sin, gan cead rámhóireachta a fhaghail." "Ní áit buaile ná sean-bhaile d'aonduine slata na Gaillimhe, mara mbíonn a ghnaithe ann." "Ní móide gur áit buaile ná sean-bhaile dhuitse an áit seo, ach bainfe mise scathamh eile amach ann." "Deirimse an méid seo leat: nach áit buaile ná sean-bhaile d'fhear tighe a's urláir a bheith istigh ar a' teallach lá Earraigh, a's a liachtaí rud atá le déanamh." "Shílfeá go mbeadh déantús maitheasa eicínt ionnaibh thairis sin, nó go n-eireochadh sib in am. Nach bhfuil fhios agaibh nach áit buaile ná sean-bhaile do thalmhuidhe an leaba, an tráth seo 'ló, i leaba dhaoib a bheith amuigh 'na gcuid oibre le uair a' chluig." "Ní áit buaile ná sean-bhaile do tinncéirí a bheith in 'aice siúd. Is luatha(r) (= lughar) leis iad ná'n sioc." "Déarfainn nach áit buaile ná sean-bhaile dhuinn an áit seo anois, má fhéadann muid imtheacht as, ach sin é an buille! Ní mé a bhféadfa?"
"Is maith a rinne siad é, a's athrú síos Conndae na Midhe. Níorbh áit buaile ná sean-bhaile dóib, an tamhnach sin thiar."
"Ní áit buaile ná sean-bhaile d'aonduine an giodán seo, má fhéadann a chumhachta imtheacht as." "Ar a' dá luath, a's ar samhluigheadh an pósadh, dubhairt sé liom fhéin de chogar 'nach mbadh áit buaile ná sean-bhaile d'aonduine an áit seo'. Ní luatha (= lughar) leis a' sioc, ná cúrsaí pósta a tharraingt anuas chuige beag ná mór." "Is beag a' bhéarfadh orm a rádh leis, nach áit buaile ná sean-bhaile de mo leithide-sa chor a' bith, áit chomh tur leis an áit seo, ach ní bhacfa mé leis, anois, go ceann tamaill eile."

"Anois céard a deir tú le Gaillimh, a's gan ann ach baile beag" =
deirtear seo, dá ndéanadh gasúr rud groidhe eicínt, nach mbeadh aon-
tnuthán agad leis, uaidh, nó dá mbeadh gasúr sean-órdha thar 'aois,
nó sean-órdha in a chuid cainnte; nó dá ndéanadh nó dá n-abruigheadh
duine a' bith rud eicínt, nach samhlóchthá le na cháilidheacht.

"Ar chuala tú céard dubhairt a' putach sin? Anois céard' déarfá
le Gaillimh, a's gan ann ach baile beag!" "D-l a' féidir
go ndearna Seán cleas chomh tútach sin! Anois céard tú
le Gaillimh a's gan ann, ach baile beag!" "'Nois
céard deir tú le Gaillimh a's gan ann ach baile beag? A
Thighearna Dé, sé'n duine deireannach é, a ndéanfainn
a leitheide de rud a shamhailt leis!" "'Raibh tú ag éisteacht
leis a' gcainnt a cháith an páiste sin.
Anois céard a déarfá le Gaillimh, a's gan ann ach baile beag'."
"Dheamhan baoghal air, a bheith ag ól! Anois céard deir tú
le Gaillimh, a's gan ann, ach baile beag!" "Ní leagfainn
air sin é, thar aon-duine sa tír. Anois, céard deir tú
le Gaillimh, a's gan ann, ach baile beag!" "Dheamhan a'
gcreidfinn ó bhéal a' tsagairt gurb é a rinne é, marach go
bhfaca mé le mo dhá shúil fhéin é! Anois céard a déarfá
le Gaillimh a's gan ann ach baile beag! Ach cá bhfágfadh
sé é? Dheamhan lá ariamh, nach raibh a dhreám luath-
lámhach (= tugtha do'n ghaduidheacht)."

Baing = ainm-fhocal, baininscneach. uimhir iolraidh: baingeannaí.
= (i) clocha ceangail imballa lena fhuaghadh. Cuirtear treasna an bhalla iad le na clocha ar leath-taobh amháin a choinneál i bhfastódhas do na clocha 'sa leath-taobh eile, mar bheadh scair threasna ann. Ar leithead a' bhalla a leagtar iad.
(ii) cor, feannc, craitheadh, truisle, leagan, maing.

"Cuir baing ann" = cuir cloch cheangail treasna sa mballa. "Caithfe tú leacrachaí a fhaghail dom, a chuirfeas mé isteach in a mbaingeannaí." "Mara gcuire tú baingeannaí fhairis sin ann, scarfa sé." "Leag (d)e leathtaobh a' chloch sin go fóilleach. Foghanfa sí sin, nuair a theastóchas baing uaim ar ball." "Baingeannaí a's scaireannaí maithe — sin é a dteastuigheann ó bhalla." "Chuile uair dhá mbriseann sé an scair (i.e. an saor clo(íche)) cuireann sé baing isteach, mar dhóigh dhe, gur bshin cuid de'n cheird." "B'fhurast aithinte go scarfadh an balla céadna. Is iomdha cúrsa a d'fhága sé gan oiread a's baing a chuir ann." "Ní chuirfinn a' déanamh fail mhuc é, ní áirmhighim teach. Dheamhan baing a' gabhail leis a' mballa sin a rinne sé." "Má bhaineann tú an bhaing sin as a' mballa, scarfa sé, as tuitfe sé ar a chéile." "Déanfa sí seo baing, ach í 'phuinnteáil, a's éadan a chuir uirre." "Greamócha an bhaing sin a' balla go breagh anois."

"Is furasta baing a bhaint as anois. Tá'n duine bocht craithte" = is furasta feannc nó leagan a bhaint as anois; is furasta cur chuige. "Is beag a' rud a bhainfeas baing as duine dona." "Dheamhan baing, ná cuid de bhaing a bhain sí as, th'éis an iarraidh a fuair sé." "Sé'n slaghdán atá indon an bhaing a bhaint as duine. Dheamhan bréag, nach mé atá craithte dhá bhárr." "Dheamhan baing a d'fhéadfainn a bhaint as, dhá mbeinn in' éadan ó shoin" = dheamhan cor, feannc. "Chinn air aon-bhaing a bhaint as Tam, aindeoin nach de cheal a shaothruighthe é." = Rinne sé a dhicheall feannc nó cor a bhaint as nó é 'leagan, ach chinn air.

Báltaí: an áit imbléin bó a mbíonn na glaedhthachaí uirre, a's a ndéanann sí a h-uisce, ar' chaon chois. Tá na grianáin díreach as a gcion. [bálta — aonda — ach is annamh a cloistear aonda é]

"Tá báltaí na bó sin uiliog faoi ghlaedhthachaí."
"Bhí glaedh ar a báltaí indiu, nuair a chuaidh mé dhá bleaghan sa ngarraidhe. Is mór a' t-iongnadh liom go dtiocfadh aith-dáir uirre aríst."
"Dáir atá uirre ma tá aon-ghlaedh le na báltaí."
"Ní mé céard d'eirigh de bháltaí na bó sin. Tá siad faoi fhuil fré chéile."
"Tá na grianáin as cionn na mbáltaí briste aice. Feicfe tú féin gur gearr eile a thiubhras sí léithe" [i.e. go mbí laogh aice].
"'Siongantach liom fuil a bheith ar a báltaí, maran tada a bheadh a 'gabhail di" = maran tinneas a' bith a bheadh uirre.
"Ná buail a' bhó ar na báltaí, nó gortócha tú thar cionn í!"
"Bhí 'chaon chlársach de ghlaedh le na báltaí! D'iagcóir Dé [d'éagcóir dé?] má tá dáir aríst uirre!"
"Dáir atá caithte aice, a's an ramallae sin a bheith ar na baltaí aice."
"Bhí salachar an laoigh a's an ghrúdarlach le na báltaí, arae ní raibh sí ach slánuighthe ar éigin" = ní raibh ach salachar an laoigh a's an ramallae eile th'éis a thoidheacht [féach "slánuighthe"]
"Tá at in a báltaí, maran gortú 'bith d'eirigh di sa gcrích dhriseachaí sin thiar indiu."
"Aithneocha tú ar a báltaí má thugann sí laogh léithe, nó nach dtiubharfa."
"Ní maith liom an ramallae ná grúdarlach fhola sin a bhío(nn)s ar a bóltaí (ar a báltaí) 'chuile mhaidin. Is mór m'fhaitchíos gur tolgtha atá sí."

Bannaidhe = (i) gealladh a tugtar ar shon rud eicínt;
gealladh íocuidheachta ar shon ruda eicínt; gealladh a thugas fir
fabhairne duine atá ag iarraidh iasachta nó áirleacain, go n-íoca
siad an t-iasacht má chinneann air-sean; suim airgid, nó maoin
a bháthadh, in ómós iasachta, nó do dheagh-iomchuir fhéin, nó duine eicínt
eile; urradhas.
(ii) Gearradh a tugtar ar chrúib gliomaigh, a's é dhá chur sa bpota
-taisce, i riocht's nach mbeidh sé acmhúinneach, aon-iarraidh a thabhairt
uaidh.
(iii) lúbán a cuirtear ar scolb nó slait i riocht's go mbeadh sí
ion-dhaingnighthe.

"D'iarr sé orm a dhul imbannaí air sa mbeainnc faoi scór punt."
= gealladh a thabhairt in omós an scóir a íoc, dhá gcinneadh air fhéin.
"Ní bhfuighe sé an té a ghabhfas imbannaí air, arae is droch-dhíoluidhe é"
"Dhá bhfaghad sé an té a ghabhfadh imbannaí air, is air nach mbeadh
an mhoill a dhul dhá thógáil sa mbeainnc."
"Tá'n t-áirleacan caithte aige anois sa mbeainnc, a's duine díthcéille
a thiocfadh imbannaí air arís, faoi thuille."
"Teigheadh an fear fabhairne 'fheiceanns muide i gcomhnuidhe aige i
mbannaí air, má's breagh leis é, anois. Ní thiocfa fear a' tighe seo,
imbannaí air, ar aon-chor."
"Is mór a' chontabhairt d'aonduine a dhul imbannaí air siúd, mar
cá bhfios nach éard a dhéanfadh sé glanadh leis, ar a' dá luath
a's a bhfuigheadh sé an t-airgead."
"Bheadh imnidhe ar dhuine 'bith a dhul imbannaí air, faoi lán laidhre
mar sin." "'Breagh nach bhfaghann sé a chliamhain le dhul i mbannaí
air, mar is goire dhó é ná aon-duine eile."
"D'iarr sé mé le dhul i mbannaidhe air, faoi leath-chéad."
"Ní ghlacfa an beainnc aon-bhannuidhe uaidh anois, mar a' geábh deireannach
a bhfuair sé airgead, níor íoc sé é go raibh an lá cáirde caithte
go fada."
"Tá'n t-áirleacan caithte aige, le fada: 'siad an dream a chuaidh i

air, atá an beainnc a chuir idteannta anois."

"Cuirfidhear i dteannta na bannuidheachaí (i.e. na daoine a chuaidh i mbannaí), mara n-íoca sé gála eicínt dhe go goirid."

"Má's i gcleitheamhnas mise a dhul imbannaí air, sa mbeainnc atá sé, is mór a' dul-amudha atá air. Rud nach ndearna mé ariamh, ní dhéanfa mé dhó-san, anois é."

"Níor chumaoin dhó a bheith cuireamhaint ar J. P. Nuair nach raibh líon léith le n-ithe aige, ná síol a chuirfeadh sé i dtalamh, chuaidh J. Ph. imbannaí air, thiar sa mbeainnc faoi chúig punnt fhichead, a's chuile dhuine eile th'éis cinneamhaint air."

"Tiocfa an beainnc anuas ar na bannuidheacha, mara n-íoca seisean é. Deirimse leat go gcaithfe an beainnc a gcuid fhéin fhaghail, pé'r bith, cé'n súisín 'íocfas é."

"B'éigin dó a chuid talmhana 'bháthadh, in áit nach 'dtrustfadh' aon-duine 'dhul i mbannuidhe air, faoi'n gcleas a rinne sé cheana."

"Tá S. Mh. in imnidhe anois, má's é 'bhí imbannuidhe air, a's ní h-iongnadh dhó."

"Ba tútach sa saoghal a' cleas a rinne sé — glanadh leis — a's an méid sin airgid 'fhágáil len íoc ag na bannuidheachaí."

"Ní bhfuighe droch-dhíoluidhe fear bannuidhe in aon-áit, a's is suarach an t-iongnadh nach bhfuigheadh."

"InDomhnach is beag dhá fhonn atá ormsa a dhul imbannuidhe air, mar is olc a' díoluidhe é, marar athruigh sé. Ach ó d'iarr sé mé, badh deacair dhom é 'eiteachtáil."

"Ní glacfa an beainnc bannuidhe ó aon-duine, ach ó'n té 'bhfuil cárnán maith istigh aige ann."

"Ní bheadh drugal a' bith orm, faoi na dhul imbannuidhe air, ach ní fheicim go bhfuil slighe nó fághaltas ó neamh anuas aige, len íoc ar ais aríst."

"Má tá'n t-áirleacan caithte aige, 'siad na bannuidheachaí 'bheidheas síos leis."

"Ní ghlacfaí i mbannuidhe ort mé, mar tá mé imbannuidhe ar bheirt cheana ann."

"Dhá nglacadh an beainnc, mo bhannuidhe-sa, thiocfainn
imbannuidhe ort is fáilte, ach dheamhan ghlacadh, mar níl
líon-léith thíos in m'ainm-sa. 'Sé ainm an tsean-fhir
atá thíos le 'chuile mhíle sórt fós."
"Glacfa an beainnc a chuid talmhana in omós bannuidhe.
Féadfa sé an talamh a bháthadh."
"Má tá'n t-áirleacan istigh, a's gan an íocuigheacht déanta,
leanfaidhear, lucht an bhannaidhe faoi. Siúd iad, nach
leigfe a leas i bhfad ar cáirde, ó bheidheas an lá thuas."
"Gheobha sé an t-iasacht ceart go leor, má fhaghann sé mórán
áirleacain ná ionbhadh len' íoc, nó nach bhfaighe. Ar ndú
(= ndóigh) is ag a' gceann a chuaidh i mbannuidhe
air, is fhearr fhios sin."
"Tá na tighthe údan a rinne sé anuraidh báithte leis an mbeainnc
aige, in omós, bannuidhe."
"Tá riar maith tóigthe sa mbeainnc cheana aice, a's thóigfeadh sí
tuille, dhá nglactaí aon-bhannuidhe uaithe, ach ní ghlacfaidhe."
"'Sé an rud is luath (= lughar) liom beo, duine 'iarraidh orm a dhul
imbannaidhe air, faoi airgead. Ní bheadh fhios agad, nach thú fhéin
a chaithfeadh díol (= íoc) a dhéanamh indeire na cúise."
"Má theigheann tú imbannuidhe ar sin, ort fhéin a bheidheas díol
a dhéanamh as a dheire. Chuala tú an cleas adeirigh do
Sh. Mh. cheana, go mb'éigean dó, fiche punt a íoc istigh sa
mbeainnc ar aon-láimh amháin. Is mór a' t-iongnadh, nach
múinfeadh sin thú! Pléidhfe sé siúd leat é má fhaghann sé in
t'amadán aige thú!"
"Fuair sé fear a' tighe seo, mar 'bhí sé ina phleota, ar sheol na
braiche le dhul imbannuidhe air, faoi dheich bpunt sa mbeainnc,
trí bliadhna sa taca seo. Meastú ar íoc sé leithphighinn ruadh
ariamh dhe, 'gur thosuigh an beainnc a' cur leitreachaí (ch)uig
an gceann seo, a's a' strócántacht leis faoi'n íoc? Ní mórán
dá fhonn a bhí air, 'íoc an uair sin fhéin."

"Duine a chur faoi bhannuidhe." = nuair a cionntuighthear duine
igcúirt, a's a saortar é, ar chontar go ngeallfa sé
go mbeidh deagh-iomchur faoi, an fhad seo aimsire, cuirtear
"faoi bhannuidhe é". Is minic nach mór leis a' dlighe cupla duine
creideamhnach a dhul imbannuidhe air, sul a leigtear amach é.
"Dheamhan a dhath a rinneadh air, ach é 'chuir faoi bhannuidhe" (bann-
uidhe a chuir air"). "Cuireadh bannuidhe bliadhna air, ag an
gcúirt indiu." "Tá bannuidhe dhá bhliadhain, a's má dhéanann
sé aon-cheo as a' mbealach ar a' bhfad sin, tiocfa sé daor
air."
"Is beag a' bhrigh a ndeacha air — bannuidhe bliadhna. Bliadhain
phríosúntachta 'bhí 'chuir air, in áit."
"Pádraic Bh. a's T. Ch. a chuaidh imbannuidhe air."
"Tá bannuidhe céad punt air, anois, go ceann bliadhna, a's níl
goir aige a bhéal 'oscailt go mbí an bhliadhain istigh."
"Ní bannuidhe bliadhna 'bhí 'chuir air, ach bannuidhe an fhad's bheadh
sé beo. Cá'ide air bliadhain, go mbí sé ar a táirm
aríst, a' troid 's a' bruighin."
"Leigeadh amach ar bhannuidhe é, ach chinn air aon-duine fhaghail a thiocfadh i
mbannuidhe air."
"Má bhíonn sé taobh le bannuidhe a chuir air, beidh sé saor go leor aige."
"Scaoileadh amach ar a bhannuidhe fhéin é" = "ní raibh aon-chall dó aon-duine
a dhul i mbannuidhe air, ach geallamhantas deagh-iomchuir a thabhairt é fhéin."
"Is beag a chuaidh air, mara ndeacha air, ach bannaí."
"Leigeadh amach ar bhannaí go h-athchúirt é" = an chéad chúirt eile.
"Tiocfa sé daor ar S. Sh. mar bhris sé bannuidhe" = bhí sé faoi bhannuidhe
deagh-iomchuir, a's bhris sé an bannuidhe sin.
"Diabhal a' miste leis siúd bannaidhe air nó dhó — ní bheadh sé beo gan
a bheith a' troid."
"Ní taobh le bannuidhe a dhul air a bheadh sé, marach an turnae a
bhí aige." "Shílfeá nach hé an oiread sin fonn a bhí ar an ngiúistís
é 'scaoileadh amach ar bhannuidhe, ach ní raibh a dhíol fiadhnuisí in aghaidh
le príosúntacht a chuir air."
[Fonn — ní thagann aon-chlaochmódh tuisil ar a' bhfocal seo sa gcéill

seo, le idir-dhealú a dhéanamh idir é a's fonn = port.
"Níl mórán fonn air a dhul abhaile", ach "a' gabhail fhuinn".]
"Bíodh sé buidheach do'n dligheadóir a bhí aige, nó dheamhan baoghal a bheadh air, a theacht ar bhannaí" = ní bheadh sé chomh saor sin aige.
"B'fhéidir dhó a theacht amach ar bhannuidhe, ach droch-sheans atá aige a theacht as, chomh saor sin."
"Cuireadh punnt air, a's bannaidhe, a's déarfainn gur cuireadh a cheart air, scáth a ndearna sé."
"Cuireadh bannuidhe trom air, a's is géar a theastuigh sin uaidh, fharrus é bheith 'dul thart a' sclamhaireacht, a's a' sceaimhínteacht, 'chuile lá sa mbliadhain."
"Marach mise 'bheith faoi bhannuidhe, bheadh scéal aige air. Deirimse leatsa nach mbead sé buidheach dó fhéin, nuair a bheidhinnse réidh leis."
"Is beag a' bannuidhe a chuaidh air, a's gach's a raibh in aghaidh."
"Bheinnse sásta, dhá gcuirtí bannaidhe air, le nach bhféadfadh sé aghaidh a bhéil a thabhairt orm fhéin."
"Cuireadh bannaidhe ar a' té a bhí saor, a's dheamhan bannuidhe 'bith ar a' té bhí daor. Nach cam a' dlighe é?"
"Ní cás dhuit é, ó tháinic tú amach ar bhannuidhe?"
"Cé sheasfas bannuidhe dhó, má leigtear amach ar bhannuidhe fhéin é."
"Tiocfa sé righthe leis, duine a fhaghail a sheasfas bannuidhe dó."

"Ní thiocfainn imbannaidhe ort, nach thú 'rinne é" = "ní rachainn faoi nach thú 'rinne = "tá aimhreas agam gur tú 'rinne é.
"Ní ghabhfainn i mbannaí, nach raibh a láimh ann, chomh maith le duine."
"Diabhal mise, muis, nach rachainn i mbannaí ort fhéin, ach an oiread le duine" [déarfadh duine gurab é a leithide seo nó a leithide siúd, a rinne, nó a dhéanfadh rud áithrid. Déarfadh eile seo, nuair a bheadh sé in aimhreas faoi fhéin]
"Ní rachfainn i mbannaí ort fhéin, nach n-ólfá braon freisin."
"Ná teirigh imbannaí air fhéin, ach an oiread le duine, arae tá sé sáthach ámhuilleach le na dheanamh."
"Ní ghabhfainn imbannuidhe ort, treasna na Troighe, nach n-innseochthá é, chomh maith leis a' gceann a bhfuil sé leagtha uirre."
"Beannacht Dé dhuit a bhean chroidhe! Ní fhéadfá a dhul i mbannuidhe

ar a' leanbh sa gcliabhán, anois, mar tá na daoine níos
sean-óraighe a's níos aicísighe ná bhíodar fadó." = ní fhéadfá
bheith cinnte, nach ndeanfadh an leanbh sa gcliabhán dochar a's
díoghbháil. "Cé'n bhannuidhe atá aice, nach 'imtheacht' leis a' gcailín báire sin a dhéanfad sé.
"Ní thiocfainn imbannuidhe ar mo mhac fhéin, má's air is fhearr atá
aithne agam, nach mbeadh sé ar a' gceird chéadna ingan-fhios (dh)om"
"Cé'n bhannuidhe atá agam nach ndéanfa sé aríst é?" = cé'n fios atá agam etc.

Bannaí béil: gealladh nó aithne a chuir ar dhuine, nach n-innseochad
sé rún, nó nach ndéanfadh sé rud áithrid eicínt; "a dhul faoi dhuit".
"Bannaí gan scríobhadh"; móid.
"'Ach bannaidhe béil ort, ach amháin an Béarla
Go dtug sí an chraebh léithe ó Mháire Brún'" [Rafteri —
Máirín Stanton]
"Ach seo bannaí béil daoibh gan focal bréige
Gur fhág mé an chraobh aice ó Mháire Brún [mar sin atá an
leath-rann chéadna in "Abhráin a's Dánta an Reachtabhraigh"
leis "an gCraoibhín Aoibhinn". Ach tugann sean-anndúirí
mar ughdar leis an leath-rann roimhráidhte agamsa, go raibh gacha
le ceathramhadh de "Mháire Brún" in Gaedhilge a's i mBéarla
a's nach raibh aon-Bhéarla ag Rafteri le "Máirín Stanton"
a dhéanamh ar a' nós céadna].
"Tiubhra mé bannaí béil dhuit, mar níl mé indon é 'scríobhadh."
"Is beag a' mhaith é do bhannaí béil, mara mbí comharthaidheacht eicínt
fharra's sin agam air."
"Mara bhfuil agad air, ach bannaidhe béil, ní bhfuighe tú comhaire(amh) na sop."
"Is díthcéillidhe an mhaise dhuit é, má ghlac tú bannaidhe béil ar scéal
de'n tabhairt sin. Níl a dhath maitheasa ann, gan scríobhainn a
bheith tarraingthe air"
"Thug sé bannaidhe béil dhom, dhá bhliadhain ó shoin, gur agham a d'fhágfadh
sé 'chuile shórt th'éis a bháis, ach is beag a' mhaith dhom é sin, anois,
faoi nach ndearna sé udhachta air."
"Níl áirde 'bith le faghail ag bannaí béil sa dlighe, mara mbí aon-
scríobhainn ná aon-fhiadhnuisí ann."
"Chuir sé bannaí béil orm, gan é innseacht do mo dheas-láimh,
a's níor innis ariamh, gur innis mé dhuitse anois é"

"Chuir mé bannaidhe béil air, gan an scéal sin a leigean
amach ar a bhfaca sé ariamh, a's sílim nar leig ach an oiread,
arae níor chuala mé aon-cheo in a dhiaidh ariamh faoi."
"Má chuireann tú bannaidhe béil air gan labhairt air,
ní chloisfe aon-duine in a dhiaidh go deo é."
"Is beag a' maith dhuit bannaidhe béil a chur uirre sin, arae
níl fascadh a' bith innte. Is dona na gnaithí a bhí ort é
innseacht di chor a' bith."
"Tá sí sin chomh cabach a's gur fada léithe go gcasfa duine eicínt uirre
le na tharraingt anuas chuige. Cé'n mhaith bannaidhe béil a
chuir ar a leithide sin?"
"Chuir a' t-athair bannaidhe béil orm, nach mbainfinn le
Seán go bhfeicfinn liom, a's níor bhaineas."
"Má's scéal rúin é, ná fág i gcleitheamhnas bannaidhe béil é.
B'fhearr dhuit gan trácht beag ná mór air, le aon-duine,
arae an té 'shílfeá, an chaomhamhaint fhéin a bheith ann, ní
bhíonn."
"Tiubharfa mé bannaidhe béil duit, nach gcainnteocha mé le mac
an aoin bheo air."

"Má theigheann tú imbannaidhe, déan díol" (díoluigheacht amanntaí)
— sean-fhocal. Má theigheann tú imbannaí ar aon-duine, níor
dhóchaide beirthe é, ná go mbrisfead sé an bannaidhe
(má's cúrsaí cúirte é), nó nach n-íocfad sé an t-iasacht
(má's cúrsaí airgid áirleacain é), a's chaithfeá-sa íoc ina
leaba, ó bheitheá imbannaí air.
"Ar chuala tú ariamh é: 'Má theigheann tú imbannaí déan
díol'" [ní cloistear an focal díol, díoluigheacht inGaillimh (= íoc)
ach i gcorr-leagan roighnighthe mar seo — "droch-dhíoluidhe é",
"caithfe tú díol a dhéanamh"]
"Chuala mise ariamh é, 'má theigheann tú imbannaí déan díol' ach
tá fhios agham anois é."
"Ní hé 's cionntaighe ach mise a chuaidh imbannaí air. Ba
chóra dhom fhios a bheith agam, má theigheann duine i mbannaí

go ndéanfa sé díol."

"Tá a cheart de bhail anois air má chaitheann sé díol a dheanamh faoi bheith imbannuidhe ar a' gcliamhain. Ach 's beag ' aireochas sé é. Tá neart airgid aige."

"Dhá mbeadh aon-chuimniú aige, nuair a chuaidh sé imbannaí air, go gcaithfead sé díol a dhéanamh as a dheire, tá mé 'ceapadh nach mbeadh sé leath chomh spleodrach ag ól a bhfuair sé in aisce uaidh an lá sin. Sin é 'an déirce dhá chuid féin do'n amadán' ar chaoi ar bith."

"Meastú a' mbeidh air díol a dheanamh anois, faoi gur bhris Micil an bannuidhe? Ar ndú (= ndóigh) cuirfear cúirt air, idtosach ar chuma ar bith."

"Is mairg a thiocfadh imbannaí ar aon-duine, mar sé'n díol a chaithfeas tú a dhéanamh as a dheire."

"Má sé 'bhí imbannaidhe ar Mhícheáilín, caithfe sé díol a dhéanamh anois, a's sin é fhéin an droch-dhíoluidhe. Dheamhan níos measa sa tír. Ní bheadh aon-rún aige scaradh le pighinn a' bith, dhá bhféadadh a chroidhe é."

"'Má theigheann tú imbannaidhe déan díol'. Is minic adeireadh P. Mh. Mh. 'ndéana Dia grásta air é, a's má deireadh fhéin, bhí ughdar aige. D'imir S. Ch. ar fhéin, faoi airgead a ndeacha sé imbannaí air, sa mbeainnc, babhta."

"Tá'n bannaidhe ceart go leor, mara mbí ar dhuine díol a dheanamh, agus is minic a bhío(nn)s."

"Dhá mbeadh fhios ag a' té theighea(nn)s imbannaidhe, go mbeadh air díol a dheanamh, is dóichide nach dtiocfad sé imbannaidhe, is dóichide sin!"

"Má tá an bannuidhe, briste, caithfe duine eicínt an díol a dhéanamh, a's mara bhfuil an té 'bhí 'mbannaidhe air, indon 'íoc tóigfear a chuid."

"Mise imbannuidhe". "Mise i mbannuidhe dhuit", "mise imbannuidhe dhaoib", "tiocfa mise i mbannaí, racha mise i mbannaí etc. = sórt mionna = tá mé cinnte.

"Mara n-eirighe tú in am ar maidin, mise i mbannaí go bhfuighe tú liúradh"

Cáit: níor tháinic Seán abhaile fós.

Máire: Ó muise imbannaidhe! [nó "ó muise imbannaí nar tháinic"]

"Muise imbannaí nach scilling a chaithfead sí agad leath chomh maith. Ní bheadh a leath-oiread de'n bhoigréis innte"

"Mise imbannaí nach hé an deagh-rud adubhairt a' ceann céadna."

Tom: bhuail Cóilín L. mé

An Mháthair: mise imbannaidhe gur bhuail! Breagh gur thug tú cead dó thú bhualadh. 'Bhfuil rath 'bith leat fhéin?"

"Mise imbannaidhe gur imthigh sí léithe, gan cuid muc ná bó a réidhteach! Nach uirre atá an bheith go gcaithfe sí greadadh léithe 'chuile Dhomhnach 'san aer, a's 'chuile shórt a fhágáil fúmsa le réidhteach!"

"Mise imbannaidhe gur thug tú ól do'n tsúdaire sin, go maith, a's nach dtiubharfá deoir a' bith do dhaoine is mó scéal ná é."

"Mise imbannaí, nach h-iad do phaidreachaí adéarfá leath chomh maith a's a déanfas tú eascainidhe."

"Mise imbannaidhe go bhfuil a chuid coirce istigh aige sin idtosach ar aon-duine ar a' mbaile. Sin é nach bhfágfa a ghnaithí ar lár ingeall ar aon-duine, agus sí a leas-mháthair a thóigfeadh air é, ach an oiread."

"Mise imbannaidhe go gcaithfeá do ladar a bheith ann! Ní beo thú mara mbí tú in éadan duine eicínt"

"Mise imbannaidhe dhuit, go bhfuil cion aige sin ar a chuid airgid, a's nach gcaithfe sé go fánach é, ní h-ionann sin a's tuille."

"Mise imbannaí dhuit, mara mbí an méid sin móna craptha agad roimhe siúd, go bhfágfa sé cnead ar a' ngoile agad."

"Tiocfa mise imbannaí go ndéanfa tú é a's giodar ionnad, ach feadh mé 'dhul chomh fada leat."

"Racha mise imbannaí, nach a' leaduidheacht a chaith siad sin a' lá, ní hé a bhfearacht fhéin é."

"Sé'n chaoi le bannaídhe a chuir ar ghliomach an fhéith atá in a chrúib a ghearradh, nó a bhriseadh, a's níl aon-dochar ann annsin, mar ní fhéadfa sé tada a dhéanamh ort."

"Ní chuirtear gliomach a' bith sa bpota taisce gan bannaí a chuir air — a chrúib a bhriseadh — a's ní fhanann aon-éitir ann, uaidh sin amach."

"Is sceannadóir críochnuighthe leis a' gcrúib é an gliomach, go gcuirtear bannaidhe air."

"Is oilbhéasach a' feithidheach é an gliomach le deasú leis, go gcuirtear bannaidhe ar a chrúib, ach ní fhanann aon-chor ann níos mó."

"Ceann de na gliomaigh nar cuireadh bannuidhe 'bith ann a bhain greim dhá chrúib as agus is bocht a' láimh atá air, anois."

"Thuit sé (gliomac) síos sa mbearach uaim, shul á d'fhéad mé aon-bhannuidhe a chuir air, a's fuair mé crácamus mhór uaidh ag iarraidh é cheannsú" (féach bearach)

"Marach go gcuirtear bannuidhe ar na gliomaigh, d'fhuileochaidís ort go h-éasca" = bhainfidís greamannaí a's fuil asad.

"Is fánach an chaoi a bhfuileochadh an sceannadóir de ghliomach sin ort, mara gcuire tú bannaidhe air, as láimh."

"Dhá gcuirteá isteach sa bpota taisce iad d'fhuireasbha bannuidhe sclárfaidís a chéile istigh ann."

"Tá ailp bainte as a mhéir, 'n áit ar rug gliomach air, a's é 'cur bannuidhe air. Is olc an ailím greim ó ghliomach."

"Níl goir a' bith ag greim an phortáin ar ghreim an ghliomaigh mara gcuirtear bannuidhe air."

"Cuirtear sórt bannuidhe ar phortán freisin. Bristear an chrúib mhór aige."

"Níl aon-ghnaithe ag gasúir in aice na bportán mór sin, mara mbí bannuidhe orra."

"Dia aithnightear! Fainic crúib a' phortáin sin ort fhéin, go dteighe bannuidhe air! Is olc a' lot a chuirfead sé sin ort, deirimse leat."

Bannaí = lúbán a cuirtear ar scolb sa díon le na dhaingniughadh, a's i riocht's go gcoinneochad sé a ghreim. Lúbtar in a lár é, a's sáithtear a dhá cheann sa díon, a's scolb eile faoi. Annsin buailtear leis a' máiléad é, le na thiomáint go maith.

"Níl sé 'cur bannuidhe 'bith mar is ceart ar na scoilb, a's beidh ' shliocht ar a' tuighe, eireocha sí aríst."

"Cuirtear bannuidhe ar na scoilb, le na ndaingniughadh sa tuighe. D'eireochaidís aríst marach sin."

"Níor chuir sé bannuidhe 'bith ar aon-scolb dhar chuir sé sa stráca sin, a's furast' 'aithinte ar a' tuighe nar chuir. Tá druim uirre, a's is gearr go n-eirighe sí ar fad."

"Deirimse tuigheadóir leat! Dheamhan fhios aige le bannuidhe a chur ar scolb, ní airmhighim a mhalrait."

"Ní ar na scoilb a chuirea(nn)s sé 'sna scaireannaí a chuirea(nn)s sé an bannuidhe chor a' bith, a's fágfa sin an tuighe eirighthe gan aon-achar."

"Ní f'leárr an-bhannaídhe ar na scoilb a chuirea(nn)s tú sa gcailleach nó bogfa siad."

"Bhí na scoilb ro-bhriosc, a's iad biorruighthe ro-mhór, a's bhrisidís orm a's mé 'cur bannaidhe orra(b)."

"Tá bannaí ar a' scolb sin, nach gclisfe go gclise caolach a' tighe 'n tosa(igh)" = tá an-bhannuidhe air.

"Bhí an iomarca uathbháis air, a's níor chuir sé aon-bhannuidhe ceart ar leath na scolb, a chuir sé sa teach. Is maoilscríobach a' cur atá ar a' tuighe in a dhiaidh."

"Dheamhan a' miste leis sin bannuidhe orra(b) (i.e. ar na scoilb) ná dhíob, ach na strácaí 'bheith curtha aige, a's a pháighe 'fhaghail."

"Togha tuigheadóra é, dhá nglacadh sé 'ionbhadh ceart, a's bannuidhe a chuir ar na scoilb, a's is cuma leis é, ach rith uirre (i.e. ar a' tuighe).

"Cuirtear scolb de ghreim sa tuighe, a's scolb eile in a bhannaí air."

Baorsa: (baosra?) = buile; báinidhe; cuthach; olc; fearg; saobhcan céille.
[Iarthair Chonamara — Leitir Móir a's na h-Oileáin]

"Bhí sé le baorsa." = "bhí sé le buile a's le báinidhe; bhí sé gabhail le cuthach nó le gaoith na gcnoc. "D'eirigh sé in a shuidhe le baorsa, a's ba mhian leis a' teach a chuir faoi na chosa."
"Tá sé le buile a's le baorsa" = [snaidhmtear an dá fhocal mar seo go minic, fearacht "le buile a's le báinidhe".]
"Tá sé le buile a's le baorsa, faoi nach bhfuigheadh sé cead imtheacht faoi'n scuir dhó fhéin." "Ní raibh Seán i bhfad ar a' nathaidheacht, 'san am ar eirigh Seumas in a sheasamh le buile a's le baorsa."
"'D'eirigh hAirt le buile a's le baorsa,
A's níor fhan sé fad staire, gur fhiafruigh sé dhíomsa:
'B'fhéidir gur spailpín as Conndae na Midhe thú
A ghoidfeadh mo chóta, mo bhróga a's mo bhríste'
A's ochón!'" [As "h-Airt Ó Ceallaigh" — Amhrán a bhfuil eolus maith air, faoi Chonamara, ach a mbraithfeá Ultachas ann]
"Má tá sé le buile a's le baorsa fhéin, dheamhan a' miste linn. Sa gcraiceann céadna ar théigh sé ann, fuaruigheadh sé aríst." "Le baorsa atá sé 'chuile ré soluis. Is beag a chuirfeas le baorsa é sin, deirimse leat."
"Leabharsa má tá sé le baorsa fhéin, a chead sin a bheith aige. Le baorsa a fheicea(nn)s muide igcomhnuidhe é."
"Céard a chuir le baorsa anois é? Ní féidir gur faoi'n gcupla caoirín sin a chuaidh thar fál atá sé!" "D'eirigh sé chugam le buile a's le baorsa, a's shíl sé iarraidh mharbhtach a thabhairt dom. Marach chomh maith a's bhí mé ar mo mhaidí, d'fhágfainn an áit in mo chorp." "Chaith sé an oidhche le baorsa. Cheangl(óch)thaidhe fear ab fhearr ciall ná é." "Tá sé chomh mór sin le baorsa a's go bhfuil sé igcruth a cheangail." "Má theigheann sé siúd le baorsa, do cheann fine, ní bhainfeadh ceart dó. Déanfa sé rachlas de'n áit fré chéile." "Siúd í ubhall na h-aithne, má theigheann sí le baorsa. Mhaithfeá do Dhia gan a bheith 'fhoisceacht míle dhá teanga, nuair a bhuailea(nn)s an ghadhruigheacht í."

Bealach = (1) bóthar; casán; cis, lorg bhuailte treasna páirce; áit, áird, ceanntar. (2) cáilidheacht; tréith; béas duine; nós; gnás, páirt de thréartha, nó de cháilidheacht duine; (3) ceird; slighe-bheatha; deis, caoi.

Bealach — firinscneach: gein. aonda — bealaigh. iolraidh — bealaighe, bealaigh.

Tugtar bealach ar bhóthar nó casán a' bith atá in araidheacht é a shiubhal ach ní thig bóthar a thabhairt ar 'chuile bhealach. Cuirigcás san amhrán deirtear:

"Is iomdha bealach caol salach, a's bóithrín cam
atá ag (dh)ul idir mé a's an baile a bhfuil mo mhuirnín ann."

An uair nach mbítear cinnte, an bóthar a bhíos i gceist, deirtear bealach i gcomhnuidhe. "An bhfuil bealach maith ag dul ann?" "Cé'n sórt bealach atá ag dul go dtí an teach etc." 'Nuair a bheithí cinnte gur bóthar é, déarfaidhe "cé'n sórt bóthar atá ag dul ann?" "An bóthar maith é?" etc.

"Tá droch-bhealach isteach ann." "Bealach aistreánach, achrannach atá ag dul ar a' mbaile sin." "Is olc a' bealach ag capall a's carr é." "Is olc a' bealach mótair, (rothair etc) é." "Tá bealach cairr déanta go dtí an teach anois aige" = "tá casán nó bóithrín, a bheadh in araidheacht ag carr a dhul air, déanta go dtí an teach aige anois. "Tá bealach cairr ann, ach níl sé thar mholadh beirte." "Caitheann siad an mhóin a chuir amach le asail, go dtí bealach a' chairr." "Tá sé 'déanamh bealach cairr go dtí an portach anois." "Choiscfeadh sé anró dhuinn, dá mbeadh bealach cairr ann. "Níl aon-gharruidhe a' gabhail leis, nach bhfuil bealach cairr ann." "Bíodh sé buidheach do'n té a bhí annsin roimhe, a réidhtigh an talamh, a's a rinne bealach cairr is 'chuile áit ar fud na talmhana." "Ní mó ná bealach asail atá ann." "Níl bealach an asail fhéin ann, ní airmhighim bealach cairr "Is achrannach a' bealach beithidheach é." "Ní mó ná go siubhall -feadh an fiadh ann sa ngeimhreadh, ní áirmhighim bealach cairr a bheith ann." "Is ait a chruthóchas siad, má fhéadann siad bealach cairr a dhéanamh thríd an easca bháidhte údaidh." "Tá'n mhóin amuigh uileag, ar bhealach a' chairr aige." "Bhí bealach capaill annsiúd, marach gur léigeadh i léig é." "Dhá ndéantaí cupla cis, is na lagannaí fliucha, bheadh bealach

maith asail ann." "Is ciotach a' bealach beithidheach é! Teigheann siad go bléantrachaí is chuile bhogach dá bhfuil ann."

"Nach air atá an fíbín, má shíleann sé go ndeanfa sé bealach cairr thríd a' gciocra údan." "Airgead Rí Seoirse, a's ní dhéanfadh bealach thríd an ngiodán údan, mar is tonn-fhriochóg fré chéile é"

"Caithfe sé an scrath-ghlugair údan a thriomú, má's leis bealach cairr a dheanamh go dtí an portach."

"Tá corr-thul(ch)án ann, atá sáthach cruadh, ach tá caoch-phuill ann a mbáithfidhe bád mór ionnta(b). A cheann-fine ní déanfa aon-bhealach choidhchin ann a bheidheas ionrásta ag duine ná beithidheach a shiubhal."

"Níl sé ionrásta ag a' bhfiadh an bealach sin a shiubhal amach sa ngeimhreadh, nuair a bhío(nn)s dubh-luachair 'na bliadhna ann, a's an easca báithte."

"Bealach anróighteach, treampánach atá ag (d)ul ann." "Ní thiubharfadh asal srathar a's cléibh ann anois, tá'n bealach chomh bog sin. Beidh sé báithte ar fad, nuair a bhéarfas an geimhreadh orainn."

"Tá bealach an chairr faoi sclaigeannaí ar fad." "Dhá mbeadh an lúscáinín feamainne sin ar bhealach a chairr agam, ní aireochainn í 'chuir amach." "Tá a theach ar bhealach na traenach." "Is gearr ó bhealach na traenach é 'chor a' bith."

"Ta bealach fada air, an mhóin a chuir amach" = aistear (ní bheadh bóthar ná casán i gceist annseo — aistear amháin).

"Is fada an bealach atá air go dtí siopa a's séipéal."

"Is fada an bealach é go Fionnán" = aistear nó turas fada é.

"In Domhnach, ní mór dhaoib a bheith a' corruighe amach feasta: tá bealach fada romhaib." "Scaoil amach a' té a bhfuil a' bealach fada air." "Bealach fada é abhaile: beidh an dubh ar an oidhche nuair a bheidheas muid ann." "Níor mhaith liom do bhealach a bheith rómham anois" (a bheith le deanamh agham). "Drugal atá air roimh an mbealach fada." "Bealach fada, righte é go dtí na Cnuic." "Dhá mbeadh mo chois ar a' mbealach agham uair, amháin, ní aireochainn dhá shrianadh suas". 'Sé an fear a chaithfeas a dhul sa mbealach fada, is mó cás." (is mó

truaigh.) "'Bhfuil tú 'brath (ar) an bealach fada a thabhairt ort
fhéin" = "'bhfuil tú brath (ar) an rith-fada a thabhairt ort fhéin?"
"Is fada an bealach é ag a' té atá a' siubhal dhá chois."
"Is beag 'aireochas siad sin é, má's bealach fada fhéin é.
"Nuair a bhrisfeas tú amach ar a' mbóthar, beidh an bealach réidh faoi
do chois, uaidh sin amach" = ní áit gharbh a bheidheas le siubhal agad.
"Tá droch-bhealach cairr ann; tá droch-bhealach isteach ann etc"
"'Sé bealach a' diabhail (a' catmara, a' mhíádha, na tubaiste, bealach céasta etc) é."
= is droch-bhealach é le dhul ann; bealach achrannach, aistreánnach.
"'Sé bealach a' mhíádha é, an t-aithgiorra céadna, le na dhul ann 'san
oidhche" = bealach achrannacha nó dona críochnuighthe; "bealach céasta é".
"Ní bhainfe tú aon-cheart de'n bhealach aithgiorrach (de'n bhealach treasna)
anocht; tá'n oidhche ro-dhorcha."
"Fuair sé treascairt ar a' mbealach abhaile." "Thuit sé ar meisce
ar a' mbealach." "Bhí mé ag dul Gaillimh lá, a's casadh cluithche
tinncéaraí dhom ar a' mbealach, a's chuir mé carra chainnte orra(b).
Bhí siad ag iarraidh mé 'thabhairt ag ól, dhá dteighinn in éindigh leo(b)."
"Níor scoth sib an ceann se'aghainne ar a' mbealach (ar a' mbealach
abhaile dhaoib, ar a' mbealach Gaillimh dhaoib, ar a' mbealach go dtí an
portach). "Tá sé ar a bhealach go Ameriocá anois" = tá sé imthighthe
ar an aistir go Ameriocá. "Tá sé ar a bhealach aníos
faoi seo." "Badh cheart dó bheith ar a' mbealach abhaile feasta."
"Cuireadh aighneas eicínt air, ar a' bhealach 'na tighe aréir."
"Buaileadh faoi bhealach é" = áit eicínt ar an aistir a raibh sé.
"h-Eirigheadh roimhe faoi bhealach, a's níor fágadh sciúrtóg
aige." "Buaileadh suas faoi bhealach é, a's b'éigean dó a dhul isteach
i dteaichín a bhí ar shúil a' bhóthair, go leigeadh sé an oidhche thairis
ann." "Bhuail sliabh gortach faoi bhealach mé, a's shíl mé
nach gcanglóchainn aon-fhata le mo mharthainn arís."
"Gortuigheadh faoi bhealach é." "D'imthigh sé le na dhul 'dhá h-iarraidh'
(bean) a's loic sé faoi bhealach in a dhiaidh sin."
"Feicfe tú fhéin air gur gearr ó bhaile a ghabhfas sé sin. Bhí an
duthruach chéadna air, ag dul go Sasana an uair dheire, a's
chas sé faoi bhealach 'na dheidh sin, a's tháinic sé abhaile in a

in a bhromachán bliadhna."

"Ní fhaca tú aon duine aitheantais faoi bhealach?" "Cáide a d'fhan tú faoi bhealach?" "Tháinic sé in a dhórtadh orm faoi bhealach."

"'Is deas a chuir m'athair fúm, capall ag iarraidh mná leagadh faoi bhealach í, a's briseadh a croidhe in a lár'." [as amhrán]

"Is fhearr dhuinn a bheith a' baint choisméig' de'n bhealach" = ceann a chuir ar ar n-aistir. "Tá sé thar am aghainn a bheith 'baint choisméig' de'n bhealach." "Bí a' baint giota de'n bhealach" = imthigh ar an aistir.

"Tá sé in am a bheith a' giorrú an bhealaigh" = tá sé in am imtheacht ar an aistir. "Ní fhleárr dhuinn a bheith giorrú an bhealaigh noiméad a' bith feasta." "Dhá mbeitheá ar a' mbóthar chor a' bith, ní aireocha a' giorrú an bhealaighe abhaile." "Nach gearr a bhío(nn)s na busannaí seo a' giorrú an bhealaigh." "Fág seo go beo! Tá sé in am a bheith ag giorrú an bheala(igh)." "Dhá mbeadh an motar sin agad, is air nach mbeadh a' mhoill a' giorrú an bhealaigh dhuit."

"Níor airigh muid an bealach dhá ghiorrú aige, le na chuid scéalta a's barramhlachta" = is gearr a d'airigh muid an t-aistear, mar ba mhór a' chuideachta dhuinn é.

"Is gearr a bheidheas sé siúd a' giorrú an bhealaigh dhaoib" = innseocha sé scéalta, a's is mór a' chuideachta é, a's ní aireocha sib an bóthar aige. "'Sé P. dhá mbeadh sé in éindigh linn nach mbeadh i bhfad a' giorrú an bhealaigh. Níl aon-chuideachta go h-éag ach é." "Ní aireochthá a' giorrú an bhealaigh é, le na bhfuil dhe nathaidheacht a's de dheagh-chainnt aige."

"Giorruigh an bealach" (giorruigh an bothar, giorruigh an oidhche dhuinn etc) = innis scéal, déan bréag, nathuidheacht nó greann, abair amhrán, nó rud ar bith mar sin [seo é adubhairt an Gobán Saor leis an mac, a's iad ar a n-aistir go dtí cúirt an Rí. Thosuigh an mac a' rith i muinghnín a chruite, a's dubhairt a' Gobán go gcaithfidís filleadh abhaile, nach ndéanf-aidís aon-chúis an lá sin. Tá'n chiall chéadna fós leis]

"Giorruigh an bealach dhuinn, le amhrán nó le scéal breagh."

"Giorrócha na bréaga fhéin an bealach." = "Dheamhan lá loicht ar a' mbréig fhéin leis a' mbealach a ghiorrú do dhuine."

"Ní miste linn, cé's sórt amhrán adéarfas tú, ach a' bealach a ghiorrú." "Abair do rogha amhrán — rud a' bith leis a' mbealach a ghiorrú." "Ba mhór a' giorrú ar a' mbealach ar dhubhairt sé d'amhráin dhuinn." "Is deas a' chaoi é sin leis a' mbealach a ghiorrú!" "Thú fhéin is fhearr leis a' mbealach a ghiorrú."

"Is diabhaltaidhe an giorrachan ar a' mbealach an scéal sin fhéin."

"Is mór an giorrú bealaigh (= is mór an giorrú ar a' mbealach) an comhrádh a's an chainnt."

"Is mór a' giorrú ar a' mbealach, an comhluadar."

"Ba mhór a' comhluadar dhom abhaile é. Ghiorruigh sé an bealach dhom, le na chuid cumadóireachta. D'éist mise leis, a's mé dhá leigean isteach i gcluais, a's amach sa gcluais eile."

"Tá sé a' giorrú an bhealaigh an duine bocht!" = duine a bheadh ar a chailleadh; duine a's é dhá ghoid as, ag tinneas a' bháis.

"Tá sé ag giorrú an bhealaigh. Sílim gur gearr a' bás uaidh anois." "Níl aon-dán biseach (bisighe) dhó. A' giorrú an bhealaigh atá sé." = "tá a chuid bisighe ar iarraidh: biseach an bháis atá air." "Tá sé a' giorrú an bhealaigh le gabhail 'un seachtmhaine, a's ní bhfuair sé aon-bhás fós 'na dheidh sin. Nach áidhbhéil a' seasamh aige é!" "Is gearr uaidh anois, cheapfainn. Tá sé ar a mhine-ghéire a' giorrú an bhealaigh." = "is beag a' seadh a thiubhras sé anois. Tá sé a' teannadh leis an mbás." "Níl pian ná tinneas air, ach é a' giorrú an bheala(igh) leis."

"Tiubhra an oidhche anocht fuighleach le déanamh dhó, agus is suarach a' t-iongnadh é, arae is fada anois é a' giorrú an bhealaigh" = 'sé a dhicheall an oidhche anocht a shárú etc.

"Tá'n chainnt a's an aithne aige fós, ach má tá fhéin, tá sé a' giorrú an bhealaigh."

"Bhí mé a' goid a' bhealaigh liom" = a' déanamh an bhealaigh = = a' siubhal liom go roighin a' deanamh ar cheann-scríbe. "Níl ann, ach go raibh mé a' goid a' bhealaigh liom abhaile, arae bhí mé tuirseach sáruighthe de bharr mo lae." "Féadfamuid a bheith 'goid an bhealaigh linn anois." "A' goid an bhealaigh liom a bhí mé go tuirseach támáilte, nuair a tháinic sé suas liom, a's thug

marcuigheacht sa gcarr dhom." "Tá tú 'déanamh an bhealaigh leat bail ó Dhia ort!" "Bhí mé a' déanamh an bhealaigh liom abhaile aréir, nuair a scoth sé mé, a's dheamhan oiread a's beannú dhom a rinne sé." "Is beag a' stróbh atá air sin an bealach a dhéanamh" = an t-eolus a fhaghail; a bheith in araidheacht an t-aistear a chuir dhe. "Is ar ín ar éigin a rinne mé mo bhealach abhaile aréir bhí an oidhche chomh dorcha sin." "Is mór a' saothruidhe thú a's a bheith indon do bhealach a dheanamh chor a' bith go dtí an teach seo, a's chomh h-aistreannach a's atá an sean-chasán." "Meastú a' mbeidh tú indon an bealach a dheanamh?" "Tiubhra sé 'sháith go binn do'n ghasúr sin an bealach a dheanamh, arae níl aon-éitir ann." = níl aon-neart sa ngasúr a's claochmócha an t-aistear é.
"Is beag a' baoghal atá air sin, nach mbeadh indon a' bealach a dhéanamh. Nach bhfuil sé chomh luath, láidir leat fhéin fós."
"Is beag a' mhairg air sin, mo léan, a' bealach a dhéanamh nó dhá mbeadh sé 'fhad eile. A' leigean cluanaidheachta air fhéin a bhío(nn)sé sin, nuair adeirea(nn)s sé go mbíonn sé go dona."

"Droch-rath ort le bealach mé a thabhairt!" = Is olc an bealach, an bealach seo ar thug tú, nó, ar threoruigh tú mé.
"Droch-chríoch air, le bealach a dhul! Caithfe sé a dhul an bealach contráilte igcomhnuidhe!" = dá mbeadh aon-bhealach ní ba dainnséaraighe ann, is air a thiocfad sé.
"Díol cam air, le bealach é a chasadh!" = scread-mhaidne air a tháinic a leithide de bhealach; ba chóra dó a thidheacht bealach eicint eile. = is mór a' t-iongnadh go dtáinic sé a mhacsamhail de bhealach.

"Tuige a dtiocfadh muid a' bealach sin, thar bhealach a' bith eile?"
"'Chuaidh mo ghrádh-sa an bealach seo, go deireannach aréir,
Níor tháinic sé do m'éiliú, a's mise tinn liom fhéin'" [as amhrán]
"A' ndeacha fear a' posta an bealach indiu?" = a' ndeacha sé thart.
"Má chastar an bealach thú, tiocfa mé isteach chuige."
"Is fada aríst go gcastar a' bealach mé."

"Má teagann tú an bealach, fainic nach dtiocfá isteach."

"Má thuiteann dom a theacht an bealach, níl baoghal a' bith, nach dtiocfa mé isteach." = má eirigheann liom; má thárluigheann dom.

"Dhá gcastaidhe an bealach mé, chuirfinn a tuairisc." "Ó bhí mé a' gabhail a' bealach, bhuail mé isteach." "Is fada aríst, go mbeidh mé ag gabhail a' bealach" = is fada aríst go dteighe mé do'n áit sin (an áit atá i gceist). "Ní fhéadfá a ghabhail a' bealach aige, nach gcuirfead sé araoid ort." = "níl goir ag duine an bealach a shiubhal aige, nach gcuirfe sé aighneas air." = ní fhéadfa duine an bóthar a shiubhal (bóthar ar bith) nach mbeidh sé in' éadan.

"Níl sé ionrásta ag duine an bealach a shiubhal, chomh uain's 'bheidheas sé siúd sa tír." "Níl goir agam a' bealach a shiubhal nach mbuailfe sí coc achrainn orm." "Is deacair do dhuine an bealach a shiubhal ag madraí."

"'mbeidh tú 'gabhail a' bealach seo" = an bóthar seo, an bóthar a bhfuil mise le dhul air. "Cé'n bealach a' mbeidh tú a' gabhail" = cé'n taobh? "Caithfe mise a dhul a' bealach seo."

"'A' gabhail a' bealach duit, má castar ort an cluanaidhe
fir
Ná déan dearmad ar a dheagh-chainnt, ach bí críonna glic'"
[As an "Droighneán Donn"]

"An bealach ó dheas a chuaidh sé" = an taobh ó dheas, an áird ó dheas.

"An é an bealach soir atá tusa ag dul?" = an bóthar nó'n aird thoir.

"An bealach ó thuaidh a tháinic sé." "A' ndeacha tú an bealach uileag?" = a' ndeacha tú an t-aistear ar fad? "A' mb'éigean duit a dhul an bealach fré chéile" = go deire an aistir.

"Níl tú leath-bealaigh fós, ná baol a' bith air" = leath an aistir.

"Dhá mbeidhinn leath-bhealaigh ann, ní aireochainn dhá chur siar" = dá mbeadh sé curtha agam go dtí lár báire etc.

"Ní raibh mé ach leath-bealaigh abhaile, nuair a tháinic sé in a dhórtadh as aer orm, a's báitheadh 'chuile shnáth dhá raibh orm."

"Tá muid ionann's leath-bealaigh go Gaillimh anois."

"'Bhfuil tú leath-bealaigh sa leabhar fós?" = a leath-leighte agad.

"Tá bóithrín leath-bealaigh siar do'n Chnoc, a's sin é."
"Tá'n t-árd leath-bealaigh síos go bóthar." "Tá sé leath-bealaigh go claidhe, go h-árd." "Bhí mé leath-bealaigh isteach a' dorus, nuair a ghoin m'aire mé, a's loic mé aríst." "Leath-bealaigh abhaile a bhí mé nuair a scoth sé mé." "Níl tú fhoisceacht míle do leath-bealaigh fós."
[Bíonn clocha a's tighthe leath-bealaigh i gcomhnuidhe ar bhóithrí, ní h-iad na tighthe ná na clocha céadna a bheadh leath-bealaigh ag chuile áit, dar ndóigh. Is iomdha cloch a's teach ar shúil bóithrí a dtugtar cloch leath-bealaigh nó teach leath-bealaigh orra.]
"Tá sé seo in a theach leath-bealaigh aige, a' teacht ó chuairt dó chuil' oidhche. Tagann sé isteach scaithín i gcomhnuidhe."
"Níl annseo ach teach leath-bealaighe agham. Tá mé ag gabhail píosa eile." "Ní dhéanfa mo cuairt annseo. Níl ann ach teach leath-bealaigh agham. Caithfe mé a dhul go barr a' bhaile."
"Níl tú ceathramhadh cuid (cúigmheadh cuid etc) an bhealaigh fós."
"Tá'n bealach bearnuighthe go maith anois aghainn" = tá píosa maith de'n aistir tharainn. "Is gearr ortsa, bail ó Dhia ort, an bealach a bhearnughadh." "Tá bearnughadh maith ar a' mbealach anois aghainn." = tá muid an chuid is mó de'n aistir.
"Níl mórán bearnú ar a' mbealach fós aghainn. Caithfe tú foighid a bheith aghad. B'éigean do do mháthair fanacht naoi ráithe leat!"
"Tá iarracht maith ar a' mbealach anois aghainn" = "Tá congnamh maith de'n bhealach déanta againn" = "Tá muid ionann's ag ceann scríbe" = "Is gearr go mbí muid ag deire an bhealaigh."
= "is gearr go mbí deire an bhealaigh déanta aghainn."
"'Bhfuil aon-bhaoghal orainn a bheith ag deire an bhealaigh fós."
"Is mór is fiú dhuinn tús a' bhealaigh (tosach, toiseach a' bhealaigh) a bheith dhínn (tharainn) ar aon-chor."
"'Ní leithe bealach 'na coille, ná 'un a fágála (nó fágáil uaireannta)"
= sean-fhocal = má bíonn slighe ag duine, beidh deis a caithte nó dola air freisin = má bhíonn teacht isteach maith ag duine, bíonn glaodhach dhá réir air."
"Is iomdha punt a tháinic isteach sa teach ó thús bliadhna, ach 'ní leithe bealach 'na coille ná 'un a fágála'."

"Níl siubhal a' bhealaigh ann, tada leis" = ní maith go bhfuil sé in don a' bóthar a shiubhal. "Níor fhan siubhal a' bhealaigh, chor a' bith ionnam (nó agam) le goirid." "Níl siubhal a' bhealaigh anois innte, ó chuaidh sí 'un donacht le na scoilteachaí." "Is beag le go bhfuil siubhal a' bhealaigh ionnam, le teann ocrais." "Má tá siubhal a' bhealaigh ann, 'sé a chloch neart é." "Is mór a chuaidh an ruaig (thinnis) sin thríd. Níor fhága sí siubhal a' bhealaigh aige (ann)"
"Ní fhaca mé aon-fhear ariamh is mo a claoidheadh le goirid ná é. Tá sé chomh tugtha uaidh sin anois, a's nach mó ná siubhal a' bhealaigh atá ann." "Níor fhága an slaghdán bradach sin siubhal a' bhealaigh agham. Seachtmhain a bhí mé buailte síos leis, a's ba mheasa dhom é, ná dhá gcaithinn bliadhain in mo leaba." "Dhá mbeadh siubhal a' bhealaigh ionnamsa, d'fheicfeá féin air, gur gearr a bheinnse ag dul síos a's dhá chasadh léithe."
"Bheadh sé ann, dá mbeadh siubhal a' bhealaigh chor ar bith ann."
"An fhad's 'bhí siubhal a' bhealaigh chor a' bith aige, níor fhága sé an t-Aifreann ar deire." (theigheadh sé 'na n-Aifrinn).
"Níl aon-guth agham air, a theacht, arae níl siubhal a' bhealaigh fanta ann le goirid." "Ní fhan siubhal a' bhealaigh ionnam, tada leis, ó bhí an slaghdán orm anuiridh." "Dheamhan mórán le siubhal a' bhealaigh, a d'fhan ionnam, ó bhí mé buailte síos annseo imbliadhna" [féach "ithe a chodach", "iarraidh a chodach", etc]

"Níl bóthar ná bealach ag (d)ul ann" = níl casán a' bith ann.
"Dheamhan bóthar ná bealach isteach ar a' tamhna(igh) údan, ach cead aghad sliabh a ghearradh." "Ní fhaca mé aon-áit ariamh, mar é, nach mbeadh bóthar nó bealach eicínt ag dul ann." "Ní raibh bóthar ná bealach aca(b), gur dearnadh a' méid sin de bhóthar dóib an bliadhain cheana." "Níl bóthar na bealach aca(b) a's dheamhan a' fearr leo(b) a bheith, mar b'fhusa do na póilíos a dhul ann dhá mbeadh." "Ní fhéadfar a dhath a dhéanamh ar na gasúir mara dteighe siad 'na scoile féin — in áit nach bhfuil bóthar ná bealach faoi na gcois — ach a' criathrach báidhte."

"Is maith an scathamh anois, nach raibh mé ar bóthar ná ar bealach."
"Ní fheicfeá ar bóthar ná ar bealach anois é, maran buailte suas
atá sé." "Ní fhaca mé ar bóthar nó ar bealach é, le mo
chuímne cínn." "Má fheicimse ar bóthar ná ar bealach díot, uaidh
seo amach, íocfa tú ann" (athair a' smachtú páiste).
"Dheamhan a chos a chonnaic mé ar bóthar ná ar bealach ó'n lá
fadó ar buaileadh ar an aonach é. Ghlac sé fuath de'n
bhóithreóireacht ó shoin." "Is mór a' t-iongnadh nach mbead sé
le feiceál ar bóthar ná ar bealach uair eicínt. Tá sé 'cothú
na h-áite istigh go maith."
"Níor casadh mac na sceiche liom ar bóthar ná ar bealach
go dtáinic mé abhaile aríst."
"Má bhíonn sé ar bóthar ná ar bealach, ní ingan-fhios dó siúd é."
"Ní bheidh mórán ar bóthar ná ar bealach, ingan-fhios dó siúd!"
"Is fadó an lá nach bhfaca mé a(g) dul an bóthar ná'n bealach é."
"Má theigheann sé an bóthar ná'n bealach, feicfe mise é."

Fear bóthair a's bealaigh = fear nach mbaineann cos de shiubhal; fear
a bhío(nn)s siorruidhe a' siubhal; fear a bhío(nn)s ag imtheacht indiaidh a
chinn roimhe; fear a bheadh ar thuras nó aistir.
"Is deas a' rud, bólacht, féar maith agus gabhaltas
Cruithneacht a's eorna le gearradh
Min ins a' gcómhra, 'gus teine trathnóna
A's dídean d'fhear bóthar a's bealaigh."
[Rafteri — "Caismirt an Phótaire leis an Ól"]
"Is mór a' fear bóthair a's bealaigh é" = duine a bhíos a' síor-shiubhal
nó a' síor-imtheacht roimhe. "Níor leig sé isteach ariamh fear
bóthair ná bealaigh." "Níor chuir sé amach ariamh aon-
fhear bóthar ná bealaigh a d'éiligh lóistín na h-oidhche air."
"Tá a theach ar shúil a' bhóthair, a's níl fear bóthair ná
bealaigh dhá dteigheann soir ná siar, nach aige istigh atá."
"Tá muid sáruighthe ag lucht bóthair a's bealaigh, a' tarraingt isteach
aghainn 'chuile phuínnte." "Tá'n teach ar a' ndeis aca(b), ó thárla
é bheith ar shúil a' bóthair. Tarraingeann an ceannuidhe mála
ann ag iarraidh lóistín na h-oidhche, fámuirí a' cur tuairisc

a' bhealaigh, 'gaedhilgeoirí' ag iarraidh nathuidheachta, a's chuile cineál duine dhá dteigheann a' bóthar."

"Níor eitigh mé fear bóthair ná bealaigh ariamh, faoi lóistín na h-oidhche ó d'iarrfadh sé sé é 'in onóir Dé a's Mhuire'."

"Ní hé 'chuile fhear bóthair a's bealaigh a leigfinn isteach, ach ba mhór a' grádh Dia lóistín a thabhairt do'n duine bocht siúd."

"Níor cheart do dhuine aon-araoid a chuir ar fhear bóthair ná bealaigh, a's gan-fhios aige cé'n uair a chas(f)aidhe é fhéin, in áit strainséara."

"Ba mhaith é an sean-fhear faoi lucht bóthair a's bealaigh a leigean isteach, ach sílim nach mórán gaisce atá ar a' mac."

"Sin baile nar caitheadh a' droch-cheann ariamh le fear bóthair ná bealaigh ann. Tá 'shliocht ar fhear na h-áite seo: áit a' bith dhá gcasfar é, a's a rádh gur as C. é; beidh omós dhó."

"Níor leigeadh a shlainte ariamh le fear bóthair ná bealaigh as a' tsráid-bhaile chéadna. An cluithche scaibhtéaraí ba mhó a bhí ar foth ná ar féar, is istigh sa mbaile sin a bhí siad scathamh."

"B'olc an giodán é Gleann Bh. tamall le fear bóthair ná bealaigh a chastáil ann, deireannach 'san oidhche."

"'San am a raibh na rógairí reatha ann fadó, ní raibh aon-ghoir ag fear bóthair ná bealaigh bheith amuigh deireannach. Bhainfidís a mbeadh aige dhi, a's b'fhéidir tuighe srathar a bhualadh air, in aice sin." "Níor chuala tú fear bóthair ná bealaigh ariamh buidheach do'n lorgán sin."

"Is teach é, nar cuireadh aon-chumaoin le lucht bóthair ná bealaigh ariamh ann. Bhí fear a' tighe daoitheamhail, doithcheallach a's gar dhó fhéin."

"Is teach é, nar leigeadh fear bóthair ná bealaigh amach as ariamh, gan a' t-ocras, a's a' tart a bhaint dhi."

"Dhá mbadh fear bóthair a's bealaigh é, ba chuma airgead aige ná uaidh, ní fheicfeadh sé aon an-shógh. Bhí sé chomh maith do'n strainséara nach bhfaca sé ariamh, a's bhí sé do'n chomhursa. A's bhí a shliocht air: tháinic a' saoghal bruigheanach ar a shocraide."

"Níl mórán agham (airgead, lón, etc) ach beidh díol a' bhealaigh agham sílim" = riar mo cháis ar an aistir. "Má tá díol a' bhealaigh aghad, céard eile 'tá tú iarraidh?" "Rachainn go Baile Átha Cliath imbáireach, dhá mbeadh díol a' bhealaigh chor a' bith d'airgead agham ach níl." "Seo punt duit anois, a's bain díol a' bhealaigh as, a's tabhair an chuid eile ar ais domsa."

"Is beag a' teirgéis airgid a bhí agham, ach rinne sé díol a' bhealaigh dhom mar sin fhéin." "Dheamhan mórán airgid mar sin, is call duit, le díol do bhealaigh a bheith aghad. Gheobha muid an bus ar shaorgáil (= saordháil?), a's féadfa muid lón a thabhairt linn as a' mbaile." [mórdháil, mórdhálach — morgáil, a's mórgálach adeirtear]. "Meastú a mbeidh tú indon díol a' bhealaigh a bhailiú chor a' bith?" "Thug mé deich fichead liom, a's fhobair nach mbeadh díol a' bhealaigh, agham ina dheidh sin. Ní aireochthá ag imtheacht é. Cái'de le dhul puintín gágach, a's chomh daor a's atá 'chuile mhíle nídh!" "Marach a fheabhas a's suidh mé 'na bhun, ní bheadh díol a' bhealaigh agham chor a' bith" = marach an tíoghbhus a rinne mé le mo chuid airgid, a's an bharainn a chuir mé air, ní bheadh díol an aistir agam, chor ar bith.

"Ar a' bhfaca tú ariamh ná caith díol a' bhealaigh anois."

"Ní raibh díol a' bhealaigh d'ola sa motor, a's rinne sé staic orainn thiar ag an D. a's b'éigean domsa a dhul dhá mhíle, go bhfuair mé 'petrol' dó." "'Sé mo chloch neart é, má tá díol a' bhealaigh de 'phetrol' agham, tá sé chomh maith dhom scáird a chuir isteach annseo, faitchíos go mbeadh muid in a' (= ar) mbambairne aríst, a's gan aon-deoir le faghail."

"Tiubhra mise ann sa gcarr sib, má cheannuigheann sib díol a' bhealaigh de 'phetrol' dom." "'Sé mo mheas, nach bhfuil díol a' bhealaigh de 'carbide' sa lampa seo, a's má mhúchann sé ar a' mbealach orm, gheobha mé maistín de 'shummons' ó'n Seairsint Ruadh."

"Is fadó an lá a bhí sé scuabtha go Sasana, dhá mbeadh díol a' bhealaigh aige!"

"Íocfa an méid sin do bhealach dhuit" = "'sé díol do bhealaigh é" = "Tá díol do bhealaigh sa méid sin." "Chuir a deirbhshiúr fios uirre, a's d'íoc sí a bealach dhi, anonn" (i.e. go Ameriocá).
"Is fadó a bhí sí thall i Meriocá, dhá bhféadadh sí aon-duine a fhaghail a d'íocfadh a bealach di." "Tá a bealach íoctha go Meiriocá ar ais arís. Ní chaithfe sí annseo ach ráithe."
"D'íoc a' dearbhráthair a bhealach ar a' mbus go Gaillimh dhó."
"Marach go bhfuil mo bhealach íoctha dhom meastú a' dtiocfainn annseo?" = marach gur h-íocadh dhom é etc.

"Tháinic sé suas liom ar a' mbealach" = ar an aistir, ar a' turas;
"Duine eicínt a casadh dhó, ar a' mbealach a choinnigh moill air."
[Ní abróchthaidhe "tá sé ar a' mbealach annseo"; ná "tá sé ar a bhealach annseo", "ná tá sé ar a' bhealach go dtí an áit seo" ("he is on his way here"). Déarfaidhe "Tá sé ar a' mbealach anoir, nó aniar (aníos, i leith etc) nó "tá sé ar a' mbealach a' teacht."]
"Marach gur moilligheadh é, ar a' mbealach, is fadó 'bheadh sé ar faghail."
"Cé mhéad lá a chaith sib ar a' mbealach?" (ar aistir — treasna Mheriocá, ó Mheriocá etc) = "Cé mhéad lá (cé'n t-achar, cáide, cé'n fhad etc) a bhain a' bealach dhaoib."

"'Bhfuil fios (nó eolus) do bhealaigh agad?" = an feasach duit, cé'n bóthar, casán etc a ghabhfas tú, le dhul go dtí an áit sin.
"Rachainn (ch)uig a' teach aige, dhá mbeadh fios a' bhealaigh agam."
"Is doiligh fios do bhealaigh a dhéanamh go dtí an áit siúd."
"Cé'n chlóic atá ort, má tá fios do bhealaigh aghad!"
"Ní bheinnse dhá fhágáil i gcleitheamhnas aonduine, dhá mbeadh fios a' bhealaigh agham. Ghabhfainn fhéin ann."
"D'iagcóir Dé dhuit, mara bhfuil fios do bhealaigh fós aghad, a's a liachtaighe uair a chuaidh tú ann cheana!" [D'iagcóir = d'éagcóir?]
"Níl stróbh a' bith ort eolus a' bhealaigh a dhéanamh. Tá ainm thuas ar 'chuile shráid ann." "Dhá mbeadh lampa agham is fhearr a bheinn indon eolus a' bhealaigh a dhéanamh." "D'fhiafruigh mé fios a' bhealaigh de scrománach mór, a raibh a dhruim le balla aige

a's má d'fhiafruigh fhéin, is beag an áird a thug sé orm."

[Cialluigheann "fios a bhealaigh" freisin, fios céard is ceart duit a dhéanamh, a rádh, nó 'n chaoi is ceart do dhuine é fhéin a iomchur. Féach "fios do labhartha]

"Níl treoruidheacht a' bith ionnad mara bhfuil eolus a' bhealaigh go B. agad fós." = níl rath a' bith ort ag aithneachtáil bóithrí ná bealaighe.

"Ceadh nach bhfuil eolus a' bhealaigh agad fós?" "Is corr-dhuine a gheobhfadh eolus a' bhealaigh go dtí an áit siúd, mara mbeadh fear aitheantais ann go díreach."

"Ní mó ná duine a rugadh a's a tóigeadh ann, a dhéanfadh eolus a bhealaigh ann, le na bhfuil de chorannaí a's de chasaidheachaí a' dul isteach go dtí é.

"Ní raibh eolus a' bhealaigh aige, a's dhá mbeadh fhéin, a's chomh dorcha a's bhí an oidhche, ghabhfad sé righte leis a bhealach a dheanamh ar na leacrachaí, a's ins na clochair siúd."

"Is mór a' saothruidhe thú, a's eolus do bhealaigh a dheanamh amach." "Mara bhfuil eolus a' bhealaigh agad, 'sé bhfuil le déanamh agad tuairisc a chur." "Cuir bun ar a' mbealach mara bhfuil fhios agad cheana é." = mara bhfuil eolas a bhealaigh aghad, cheana, cuir tuairisc faoi. "Ná bíodh cás ná náire ort bonn a chur mara mbí eolus a bhealaigh agad."

"Is beag a' ghus é, nar chuir tuairisc, mara raibh sé indon eolus a bhealaigh a fhaghail." "Ní bhfuighinn eolus a' bhealaigh, dhá mbeinn ann ó shoin. Chaithfeadh sé gur bhain fóidín mearadh, nó mearbhall eicínt dom, nach raibh treoruidheacht thairis sin ionnam." "Chaith mé uair a' chluig go láidir a' fálróid síos a's suas ar a' mbóthar, a's gan duine ná deoruidhe a' toidheacht, a d'innseochadh (a thiubhradh) eolus a' bhealaigh dhom." "Níl fhios cé'n timcheall a chuirfinn orm fhéin, marach gur thug Dia dhom, gur fhiafruigh mé de chailín óg a bhí ann cá raibh S. in a chomhnuidhe, a's chuir sí ar eolus a bhealaigh mé." "Ach a dteaga tú chomh fada leis a' gcúinne cuirfe duine 'bith ar eolus a bhealaigh thú, ach é 'fhiafruighe."

"Is mór a' t-aithgiorra é, ach eolus a' bhealaigh a bheith agad."

"'Bhfuair tú an bealach go réidh?" = 'bhfuair tú eolus a' bhealaigh go réidh.

"Ní bheidh mo bhealach go Gaillimh, an tseachtmhain seo" = ní bheidh mé ag dul Gaillimh an tseachtmhain seo; ní bheidh aon-ghnaithe Gaillimh agam an tseachtmhain seo."

"Ní bheadh do bhealach go Gaillimh, an tseachtmhain seo?" = "a' bhfuil baoghal a' bith, go mbeadh do bhealach go Gaillimh an tseachtmhain seo?"

"Dá mbeadh mo bhealach do'n bhaile mór, ba bheag a' t-anró orm a' teachtaireacht sin a dhéanamh dhuit, ach tá mé a' ceapadh nach mbeidh." "Má bhíonn mo bhealach ann, tiubharfa mé agad (= chugad) é a's fáilte. Tuige nach dtiubhrainn."

"Má bhíonn do bhealach go S. Mh. an tseachtmhain seo, abair le M. Sh. mo bhairille a chuir ar ais, go bhfuighe mé fhéin gna(ithe) dhó an tseachtmhain seo chugainn. Tá'n garruidhe sin thiar le h-aith-'sprayáil' agam." "Má bhíonn do bhealach isteach tigh W. A. tabhair abhaile chugam, a' cléibhín a d'fhága mé ann indearmad Dé Sathairn seo (chuai)dh thart."

"Is iomdha áit a mbíonn a bhealach. Dheamhan fhios cé'n áit anuas ó Bhaile Átha Cliath a mbíonn sé laetheantaí." (Duine a bhí ag dul thart a' díolachán le gluaisteán).

"Ní bheidh mo bhealach do'n bhaile mór aríst go ceann fada, mar dheamhan seifte agam, le mé 'tharraingt ann."

"Bíonn a mbealach sin do'n bhaile mór chuile lá, a's dhá cheann de ló amanntaí, a' díol bhainne."

"Ó thárla nach mbeidh mo bhealach fhéin siar ann aríst go ceann scaith(imh) is mór is fiú dhom, gur thug tú aniar í."

"Ó thárla nach mbeidh mo bhealach fhéin go M. go ceann míosa ar a laghad a' bith, choiscfeá aistear dhom, ach a' cóta a d'fhága mé mo diaidh thuas ann a' lá cheana, a thabhairt abhaile dhom"

"Dhá mbeadh a bhealach ann, dhéanfad sé dhuit é, in a shean-rith, ach 'sé mo bharamhail, nach mbíonn a bhealach an taobh sin anois chor a' bith!" "Dhá mbeadh bealach duine Gaillimh, go minic, is iomdha rud a gheobhfadh sé ann ar shlat-mhargadh, ach níorbh fhiú de dhuine an t-aistear a chuir air fhéin, scáth rudaí fanacha, mara mbeadh slighe a's seifte aige, le na thabhairt ann."

Bealach a's dearmad. "Ní fhaca mé imbealach ná indearmad leis an fhad seo é." = "ní fhaca mé in aon-áit é.

"Ní fhaca mé an ceann céadna imbealach ná indearmad le mo chuímne." "Marach gur buailte suas atá sé d'fheicfinn imbealach nó in dearmad le fada é, ach ní fhacas." "Is mór a' t-iongnadh nach bhfeicfidhe imbealach nó indearmad anois é, nó 'bhfuil sé 'coinneál na leapthan i gcomhnuidhe?"

"Ó'n lá sin go dtí an lá atá indiu ann, ní fhaca mé imbealach ná i ndearmad dhe." "Thóruigh mé is 'chuile mhíle áit ar fud an aonaigh é, ach dheamhan a chos a bhí le faghail imbealach ná in dearmad ann." "Gheall sí, a bheith anoir leis, an Luan dar gcionn, ach mo chreach mhaidne, thú, ní fhaca mé amharc uirre imbealach ná indearmad ó shoin." "Chaithfead sé go gcoinnigheann sí as mo bhealach, arae ó'n lá ar iarr mé mo phunt uirre, níor leag mé súil uirre, imbealach ná indearmad ariamh ó shoin." "Deir tú leis, nach bhfaca dhom, imbealach ná i ndearmad, ó'n lá ar rug mé air a' bleaghan mo chuid beitheadhach."

"Ó'n lá a dtug mé an seicín dó (= nóta deich scilleacha), dheamhan a chos ná a chnáimh a chonnaic mé imbealach ná indearmad ó shoin. Beidh a shliocht orm: feicfe tú fhéin air, nach dtaobhócha sé mise níos mó."

"Tá sé na cianta ó chonnaic mé imbealach ná indearmad í, go dtí indé, inGaillimh. 'Sí atá tuartha snuighte as a ceann-aghaidh, a's má tá fhéin, cé h-iongnadh dhi sin, a's an fhad a's bhí sí buailte síos."

"Sé'n eorna nuadh an ceann céadna a fheiceál, arae is fadó cheana, nar facthas imbealach ná indearmad é." "Meastú an donacht a' bith atá air, le nach bhfuil sé le feiceál imbealach ná indearmad leis an fhad seo."

"Is fada aríst, tá faitchíos orm, go bhfeice tú imbealach ná indearmad é, mara dteighe tú de mhaol de mhainge 'na tighe a' breathnú air. Buaileadh síos é an tseachtmhain seo caithte, a's beidh liostachas fada air, mara bhfuil ag Dia."

Cead a bhealaigh: cead imtheachta; cead imtheacht' faoi scuir; cead a chos; é leigean as géibheann; leigean leis; é 'shaoradh as gabhail, bealach a scaoileadh nó a leigeann leis.

"Tabhair cead a' bhealaigh dhó" = tabhair cead imtheacht' dhó; tabhair cead a chinn, nó cead a chos dhó.

"Níor thug sé cead a bhealaigh dhuinn, go dtí an ceathair a' chlog" = "níor leig sé cead a bhealaigh linn go dtí an ceathair a chlog.

"Tá sé thar-am cead a bhealaigh a thabhairt dó feasta."

"Bhí sé 'strócántacht ag iarraidh imtheacht ó mhaidin, a's thug mé cead a' bhealaigh dhó ar báillín. Nach raibh sé chomh maith dhom: d'íosfadh sé beo beithidheach istigh sa teach mé, mara dtugainn cead dó imtheacht."

"Ba gearr a choinnigh siad sa mbearraic é, gur tugadh cead a bhealaigh aríst dó." "Dheamhan cead a bhealaigh a gheobhfas sé d'uireasbha bannaí." "Cé'n ghna(ithe) atá aca(b) dhó siúd sa bpríosún: tiubharfa siad cead a bhealaigh aríst dó."

"Is maith a rinne tú cead a bhealaigh a leigean leis. Ní raibh gna(ithe) ar bith aghad, a' coinneál moille air."

"Ní bhfaighe sé cead a bhealaigh chomh réidh a's shílea(nn)s sé féin. Beidh cóirí catha thairis sin air."

"Thug an máighistir cead a' bhealaigh dóib (do na scoláirí) ag a' dó indiu." "Ar a' dá luath a's a dtiubharfaidhear cead a' bhealaigh dhuit ó'n scoil indiu, teara abhaile ar a' bpuínnte boise, go dteighe tú a' gort-ghlanadh fataí, annsin thiar. Ar chraiceann do chluas, ná dean aon-fhánuidheacht ar a' mbealach."

"Shíl mé nach bhfaigheadh muid cead a' bhealaigh uaidh go deo, bhí an tseanmóir chomh fada sin aige." "Rinne sé siun sinncín díom le cainnt. Shíl mé faoi dheire, nach bhfaighinn cead a' bhealaigh uaidh chor a' bith." "Ní raibh cuímne 'bith agham, go bhfuighinn cead a' bhealaigh chomh h-éasca a's fuair mé."

"Bailigheadh leat anois. Tá cead a' bhealaigh agad."

"Má tá fonn ort imtheacht, tá cead a bhealaigh agad."

"Níl duine 'bith a' baint cead a bhealaigh dhíot. Imthigh leat, má's breagh leat é. 'A chomhairle fhéin do mhac Anna, a's ní bhfuair sé ariamh níos measa'."

"Réidhtigh tú fhéin faoi chomhair a' bhealaigh." = "gléas thú fhéin faoi chomhair a' bhealaigh." "Tabhair lón leat faoi chomhair a' bhealaigh." "Ní mór dhom lón a's costas faoi chomhair a' bhealaigh." "Níor fhága mise an baile ariamh gan lon a's costas (gan cuid a's costas) faoi chomhair a' bhealaigh." "Thug sé lón a's costas leis l'aghaidh an bhealaigh."

"Bhí sé 'báisteach ar feadh an bhealaigh" = "bhí sé 'báisteach i gcaitheamh an bhealaigh." "Níor tháinic iabh na forus air, ach a' baint achrainn asam ar feadh an bhealaigh anoir." "Sin é an deis a bheidheas air, anois igcaitheamh an bhealaigh."

"Níor tháinic iabh ar a bhéal, ach a' scithleigeadh bréag ar feadh an bhealaigh." "Shíl mé go scothfadh sé mé 'chuile phuínnte igcaitheamh an bhealaigh, ach dheamhan scothadh. Marach gur bhain timpiste eicínt dó, bheadh sé sa mbaile ó ló."

"Bhí cóir aghainn ar feadh an bhealaigh soir, ach baineadh siar asainn é, ar a shon sin a' teacht anoir" (= bhí an ghaoth in ar n-aghaidh ar rothair, a's sháruigh sí muid).

"Níor ísligh muid de na 'bicycles' ar feadh an bhealaigh."

"Níor leig sé aon-teach ósta thairis, i gcaitheamh an bhealaigh, nach ndeacha sé isteach ann, a's nar ól sé failm ann."

"Chuir sé 'un bealaigh indiu é" = chuir sé (ch)un siubhail, (ch)un seoil etc é. "Tuige nar chuir tú an leitir sin 'un bealaigh fós."

"Scríobh sé 'un bealaigh ag iarraidh 'bicycle'" = go Baile Átha Cliath, Sasana etc. "Ní bhacfa mé le Gaillimh. Scríobhfa mé 'un bealaigh faoi na dhéint." "Tá sé in am aghad an t-airgead sin a chuir (ch)un bealaigh feasta." "Ní cuirfear chugad é go gcuire tú an t-airgead (ch)un bealaigh." "Teirigh isteach idteach a' posta annsin thoir, a's cuirfe siad an cíos (ch)un bealaigh dhuit."

"Chuir un bealaigh, teachtaire eicínt in a choinne."

"Cáide go dteighe tú 'un bealaigh?" = go n-imthighe tú (go h-áithrid in áit i bhfad ó láthair, Sasana, Ameriocá, Baile Átha Cliath etc).

"Chuir sé an spailpín 'un bealaigh" = dhíbir sé é; chuir sé uaidh é. [Is annamh a baintear leas as mar seo, a's is cosamhail gur truailligheacht é]. "Chuir sé an bhean 'un bealaigh go dtí an siopa ag iarraidh fuisce"

Bealach do leasa = do leas a bheith romhat, a's tú in áithrid breith uirre; bóthar do leasa; clár do leasa.

Bealach do bhasctha: malrait "bhealach do leasa"; cúrsa nach bhfuil in áithrid eirghe leat; bealach a bhfuil tú in áithrid do chreach a dheanamh leis.

bealach aimhleasa; áit achrannach, aistreánnach

[bóthar do leasa — is beag leas a baintear as, a's nuair a baintear, ní fearacht na leabhar é. Déarfaidhe "ní hé bóthar a leasa a thug sé ar fhéin, a's a dhul annsin indiu." Ach ní abróchthaidhe "tá sé ar bhóthar a leasa, anois", nuair ba dhóigh do dhuine a bheith ar chúrsa a d'eireochadh leis].

"Ní ar bhealach do leasa a chuirfeas an ceann sin thú, má ghéilleann tú dhó." "Tabhair áird' ar sin, a's cuirfe sé ar bhealach do leasa thú!" = bealach a bhasctha atá i gceist.

"'Sé Pádraicín a chuir ar bhealach a leasa é. Dheamhan láimh a bheadh aige go bráth ann marach é" = thug Pádraicín comhairle a leasa dhó. "Ní raibh sé ar bhealach a leasa ariamh go dtí anois, má tá indán's go bhfuil sé a' tarraingt go dtí iad sin!" = a mhalrait atá i gceist; i mbealach a bhasctha a cuirfear 'san áit sin, nó sa teach sin é.

"Ní hé bealach do leasa atá leat" = ní bárúintí do leasa atá fút.

= "níl sé in áithrid duit do leas a dheanamh, a's a bheith ar an gceird a bhfuil tú." "Ní hé bealach do leasa atá leat, ná le aon-duine eile a ghéillfeas do na bacaigh sin."

"Dhá mbeadh bealach do leasa leat, ní thaobh(ochth)á an teach sin, beag ná mór." "Ní raibh bealach a leasa, leis a' gceann céadna ariamh fhéin, ní áirmhighim é 'bheith amhla anois."

"Is beag an áirde a bhéarfas sé sin, ar aon-duine atá ar mhaith leis, ná a chuirfeadh ar bhealach a leasa é."

"Ní dhéanfa sé sin bealach a leasa, ar chomhairle aon-dhuine."

"Is beag a' baoghal air bealach a leasa a dhéanamh, pébrí céard a dhéanfas sé le bealach 'aimhleasa" = 'sé is dóigh dhó a aimhleas a dhéanamh ach níl baoghal a' bith fhéin, go ndéanfa sé a leas.

"Go gcuire Dia ar bhealach do leasa thú, pébrí céard a dhéanfas tú!" = go dtuga Dia dhuit do leas a dhéanamh pé'r bith céard a dhéanfas tú (nuair a bheadh duine idir dhá chomhairle faoi rud

áithrid eicínt a dhéanamh, a's gan 'fhios aige a mb'fhearr dó é 'dhéanamh nó gan a dhéanamh; nó nuair a bheadh roghain a' dá dhíoghadh ag duine.]

"Ní minic leis, bealach a leasa a dhéanamh, ní dhá roinnt leis é!" = ní minic leis a leas a dhéanamh. "Níl géilleamhaint a' bith aige sin, do'n té a chuirfeadh ar bhealach a leasa é."

"Ní ar bhealach do leasa, ach ar bhealach t'aimhleasa a chuirfeas mac Th. Ph. thú má éisteann tú le na chómhráidhtí." "Má's é bealach do leasa atá fút, fanócha tú uatha(b) sin." "Ní hé bealach a leasa atá a' cur síos leis a' scabhtaera sin chor ar bith" = níl imnidhe a' bith air faoi na leas a dhéanamh. "Bhí fhios agham go maith, nach hé bealach a leasa a bhí leis, a's a dhul siar annsin, an chéad lá ariamh."

"Tá an t-ealadhantóir sin, ar chuid thú 'chur ar bhealach do bhasctha" = má ghéilleann tú dhó, cuirfe sé imbealach do bhasctha thú.

"Nach mé a casadh imbealach mo bhasctha, a's a theacht isteach annseo!"

"Tá tú ceart, mara meálla siad sin imbealach do bhasctha thú."

"'Sé atá ag (dh)ul imbealach a bhasctha anois muise, dhá mbeadh fhios aige é. Ach 'is cuma leis an óige, cá gcuirfe sí a cois'."

"Fan as bealach do bhasctha, má fhéadann tú."

"Is beag a' baoghal ar siúd a dhul imbealach a bhasctha, ní hé sin fhearacht ag tuille é."

"Má tá tú ag iarraidh a dhul imbealach do bhasctha, teirigh isteach annsin!" "Cá'il tú ag iarraidh mé a thabhairt? Imbealach mo bhasctha! Ní beag dom, chomh dona a's atá mé faraor, a's gan mé a bheith níos measa!"

"Is mé a casadh imbealach mo bhasctha, ceart, críochnuighthe indiu!"

"Dhá ngéillinn dó, ní chomhnóchadh sé go dtugadh sé imbealach mo bhasctha mé!" "Ní chomhnócha tú, go dteighe tú imbealach do bhasctha, as a dheire!" = beidh tú ar siubhal, go gcastar i dtrupás thú. "Is mairg dhom, a thiocfadh imbealach mo bhasctha ar do chomhairle-sa — is mairg sin!"

"Is mór a chuirea(nn)s a' t-ól imbealach a mbasctha. 'Sé atá deas air!" "'Siad na mná a tharraing imbealach a bhasctha é an chéad lá ariamh."

[Tugtar bealach do bhasctha ar dhroch-chasán, nó áit achrannach freisin: "nach thú a thug ar bhealach mo bhasctha mé 'sna breaclachaí seo"]

Bealach = áit; giodán; réidhteach; ceanntar.

"Fág mo bhealach" = imthigh as an áit a bhfuil fúm siubhal ann.

"Tá tú i lár a' bhealaigh" = Tá tú mar bheadh dris-chosáin ann; ní féidir le duine a dhul thart. "Tuige nach bhfágfá lár a' bhealaigh."

"Suidh síos a's ná bí in do staidhce i lár a' bhealaigh, nach féidir le duine corruighe síos ná suas agad."

"Tá sé de bheith ort a bheith i lár a' bhealaigh igcomhnuidhe. Breagh nach seasfá i leath-taobh, a's gan a bheith in do sheasamh annsin, in do liúdramán i gcomhnuidhe."

"Fág mo bhealach go beo. Tá deifir orm."

"Ní fhéadfa duine a dhul síos ná aníos a' bóithrín, nach bhfuil a charr tarraingthe i lár a' bhealaigh aige roimhe. Shílfeá gur leis fhéin an bóithrín ar fad." "Ní raibh aon-ghoir agham a dhul anonn ná anall aige. Bhí sé i lár a' bhealaigh romham."

Béal a' bhealaigh = súil bóthair; béal nó ceann bóithrín bóithrín; cois bóthair, casáin etc. "Tá a theach imbéal a' bhealaigh" = tá a theach ar shúil a' bóthair = "tá a theach chois a' bhealaigh, nó le h-ais a' bhealaigh.

"Is furasta aithinte dhuit cá'il sé in a chomhnuidhe — Botháinín ceann-tuighe imbéal a' bhealaigh." "Cé atá in a chomhnuidhe sa teach mór atá imbéal a' bhealaigh annseo thíos?" = ag ceann an bhóithrín nó an chasáin; ag cumar na mbóthar.

"Bíonn sé igcomhnuidhe imbéal a' bhealaigh" = ar a' mbóthar; chois a' bhóthair; idtalamh chois a' bhóthair.

"Ní fhaca mé ariamh é nach imbéal a' bhealaigh a bheadh sé. Meastú 'ndéanann sé buille 'bith maitheasa?"

"Ní fhágann sé béal a' bhealaigh chor a' bith, a's tá bleid buailte aige, ar a' bhfear siar, a's ar a' bhfear aniar."

"Tá a chuid talmhana uileag imbéal a' bhealaigh. Is leis a' réimse talmhana sin atá a' síneadh le bóthar ó thuaidh."

"Céard a chas imbéal a' bhealaigh tú indiu?" "Chomh tráthamhail le na bhfaca tú ariamh, chas sé liom imbéal a' bhealaigh."

"Ní fhéadaim a dhul soir ná siar, nach mbíonn sé romham i mbéal a' bhealaigh, ag iarraidh scéalta orm."

"Sin é a bhfuil ar aire — a bheith imbéal a' bhealaigh annsiúd — leis

a' mbean soir, a's leis an mbean siar a thiodlacan píosa de'n bhóthar!"
"Bíonn sé go h-acht a's go h-áithrid imbéal a' bhealaigh!"
"Deir tú léithe a bhí imbéal a' bhealaigh rómham, le tosuighe a' sciolladóireacht orm."
"Sé'n chéad bhall é chonnaic mé imbéal a' bhealaigh romham, a's mé ag (d)ul soir." "Is dhó is fusa 'chuile thuairisc a bheith aige. Tá sé i mbéal a' bhealaigh, a's forradh chainnte curta aige ar 'chuile dhuine."
"Sé'n rud is luath (= lughar) liom beo, duine a bheith imbéal a' bhealaigh rómham, a' súil le tuairisc." "Is gránda an bealach atá léithe, amuigh imbéal a' bhealaigh, roimh chuile dhuine, go bhfagha sí amach cá'il sé ag (d)ul."
"Is (ch)uige atá tarraingt 'chuile dhuine, arae, tá a theach imbéal a' bhealaigh."

"Tá a dhóthain (a sháith, a dhíol, fuighleach, neart etc) bealaigh aige má tá sé ag iarraidh a dhul amach" = réidhteach ag gluaisteán etc le dhul thar chairt ar bhóthar.
"Ní raibh mo dhíol bealaigh agam, lena scothadh." "Is bóthar an-chumhang, é, a's ar ín ar éigin a bhí mo dhíol bealaigh agham le na dhul thairis." "Ní leigfe na 'motors' sin do dhóthain bealaigh leat le na dhul tharta(b) chor a' bith. Is mian leo(b) a' bóthar a bheith fútha(b) fhéin ar fad." "Tá bealach amach annsin aige, má thogruigheann sé a dhul amach." "Níor fhága sé mo leath-dhíol-bealaigh agham le na dhul thairis." "Tá do dhíol bealaigh annsin agad le damhsa" = réidhteach, fairsinge. "Níl mo dhíol bealaigh agam leis a' gcarr a thabhairt isteach ann." "Níor mhór dhuit tuille bealaigh a fhágáil ann, má's leat áit carr a's capaill a bheith aghad ann." "Ó chuaidh tú dhá dhéanamh, is gann gortach an bealach a d'fhága tú ann." "Níorbh fhlearr dhom go maith a raibh de bhealach agam le casad" = ar ín ar éigin a bhí mo dhíol bealaigh agam le casadh. "Tá neart bealaigh annseo thuas, má tá tú ag iarraidh an motar a chasadh." "Is gearr nach mbeidh aon-bhealach isteach a' dorus aige, tá sé in a bhruithleach chomh mór sin" = réidhteach, nó fairsinge.

"Tá tú sa mbealach" = an áit a mbeitheá a' cur as do dhaoine eile — rompa ar casán, ar bhóthar, in a gcuid oibre etc.

"Tá tú sa mbealach orm." "Bhí sé sa mbealach orm, a's dubhairt mé leis, go gcaithfeadh sé an bealach a fhágáil." "Is mór sa mbealach thú."

"Tá tú sa mbealach ar fad orm" = "Tá tú sa mbealach ar mo chuid oibre." "Tá sceach sa mbealach orra(b)" = i riocht's nach féidir leo(b) obair eicínt a dhéanamh, nó a theacht amach nó a dhul isteach, ag an sceich. "Marach an chloch sin a bheith sa mbealach orainn, b'fhurasta an leac a árdú." "Tá tú sa mbealach ar a' solus" = tá tú idir mé a's an solus; ní féidir liom tada a fheiceál agad.

"'Marach a' taoille sa mbealach, dhéanfainn eolus a' bhaile a mbíonn tú. Rachainn dod' fhéachaint 'chaon Satharn, a stóirín, a's ar maidin Dé Luain'" [as 'Neilí']

"Is mór sa mbealach thú" = duine nach mbeadh aon-iarracht ná aon-ghnaoi air, idteach ná in áit. "Is mó sa mbealach é an duine bocht i gcomhnuidhe" (leath-fhocal). "Shílfeá go mbadh mhór sa mbealach mé, leis an ngruaim a chuir sí uirre fhéin liom."

"Níl duine ar bith sa mbealach anois air, a's dheamhan a bhfuil a' pósadh dhó 'na dheidh sin" = níl duine a' bith eile sa teach le cur as dó.

"Beidh moill air, shul dhá bhféadfa sé pósadh. Tá lán a' tighe sa mbealach air." "Ní féidir gur a' cuimhniú ar phósadh a bheadh sé, a's a bhfuil sa mbealach air." "Níl sa mbealach air, anois, ach a' deirbhshiúr, a's is gearr go n-imthighe sí sin, í fhéin"

"Nuair a bhí an chuid eile annseo, bhíod sé a' clamhsán nach raibh sé 'fághail cead pósta, a's anois nuair nach bhfuil duine 'bith sa mbealach air, dheamhan a bhfuil 'a' corruighe' dhe."

"Is deacair dhó bean a thabhairt isteach annsiúd a's a bhfuil sa mbealach air." "Ná bacaimse thú, má tá fonn pósta ort. Ní bheidh mise sa mbealach ort, ach feadh's mé 'faghail mo phaisinéaracht go Meriocá." "Is deas an áit a fuair sí, a's gan duine ná deoruidhe sa mbealach uirre, ach í fhéin."

"Is mó sa mbealach é, ná a bhfuil sé a dhéanamh de mhaith" = duine a bheadh in ainm's a bheith ag obair, ach nach mbeadh tada de mhaith dá bharr. "Sé'n chaoi 'bhfuil sí sa mbealach air fhéin, a's ar 'chuile dhuine eile" = níl aon-mhaith leis ag obair.

"Dheamhan congnamh ná cuid de chongnamh atá sé a thabhairt domsa. Is mó sa mbealach go mór é."
"Níl maith ná maoin leis. Is mó sa mbealach é."
"Ní ghlacfainn é, dhá dteagadh sé liom in aisce. Is mó a bheadh sé sa mbealach ar fhear." "Tá díthchéille ort, má chuireann tú aimsir air sin. Is mó a bheidheas sé sa mbealach ort."
"A' bhfuil tú 'ceapadh go dtiubhrainn thusa ag obair liom. Is mó a bheitheá sa mbealach orm."
"Díol cam air, an spriosáinín! Tá sé in ainm's a bheith a' chongnamh dhom le seachtmhain, ach is mó atá sé sa mbealach orm, go fada." "Dhá mbeadh Éire taobh leis, ní leigfinn isteach in mo gharrdha é! Is mó sa mbealach ar fhear é."
"Dhá mbeadh fear oibre ann, ach is mó sa mbealach ar fhear oibre Seáinín!"

"Fan as a' mbealach" = de'n bhóthar, de'n chasán etc. "D'imthigh mé as bealach 'a' mhótair'."
"Má tá an t-ádh air, fanadh sé as mo bhealach-sa feasta." = ná tagadh sé salach orm; coinnigheadh sé uaim.
"Caithfe mé fanacht as a bhealach, arae tá sé bruithte ar bhainne aige dhom." "Is fiú coinneál as a bhealach siúd" = "Dá dteagthá salach air, bheadh scéal agad air."
"Fan as a bhealach ar fad, tá mise 'rádh leat, má tá'n t-ádh in do chaipín."
"Coinnigh as bealach an ghamhna sin. Ní éadáil mhór a' bith é."
"Ní hé is measa chor a' bith ach sibse, nach gcoinnigheann as a bhealach." "Má tá aon-tsuim in do shlainte agad, fanfa tú amach as a bhealach siúd ar fad."
"Shílfeá gur ghlac sí fuath liom, le goirid, a's gur ag iarraidh coinneál as mo bhealach atá sí."
"Má tá do leas ar Dhia, is maith fada amach as a bhealach siúd a fhanfas tú a's 'chuile dhuine eile leat."
"Níl le déanamh, ach fanacht as a bhealach, go leige sé faoi aríst." "Má chastar in mo bhealach-sa é, gheobha sé an teanga uaim." "Is fadó an lá, nar casadh in mo bhealach anois é." "Má fheicim é, déarfa mé sin leis, ach tá

faitchíos orm, nach gcasfaidhear in mo bhealach é."

"Uair annamh a chastar in a bhealach anois mé" = uair annamh a fheicim é, nó chastar liom é.

"Má thagann sé in mo bhealach, déanfa mé an oiread dhuit fós" = cúiteocha mé an gar seo leat, má fhaghaim fáill air go deo.

"Dheamhan bréag muise, má thagann sé in mo bhealach-sa choidhchin aon-mhaith a dhéanamh dhó sin, nach ndéanfa mé é."

"Tá faitchíos orm nach dtiocfa sé in mo bhealach choidhchin, an méid seo a chúitiú leat, ach má thagann, déanfa mé é."

"Níor chumaoin dhom, gan é 'chúitiú leat, dhá dteagadh sé in mo bhealach go bráth é 'dhéanamh."

"Is mór a chruthuigh tú a's do bhealach a dhéanamh thrídh 'na daoine."

"Rinneadh bealach dhó thríd an gcruinniú."

"'Bhí Máire Maidiléana amach roimpi (roimh an Maighdin Mhuire) a's rinne sí bealach dhi thríd a' gcruinneál'."

"B'éigean bealach a dhéanamh dhó, go ndeacha sé síos ar a' teallach, an áit a raibh an scliúchas. Sin é a raibh ann. Shuaimnigh an teach ar a' toirt." "Chuaidh sé righte go leor liom, bealach a dhéanamh thrídh na daoine."

"Tá tú i mbealach an chairr" = 'san áit a mbeadh an carr le dhul

"Tá tú i mbealach an bhuird" = 'san áit a mbeadh an bord le cur."

"Meastú a bhfuil aon-choca feamuinne le díol 'sna bealaighe sin siar?" = 'sna bólaí; 'sna ceanntair; 'sna lorgáin.

"Fear aniar as na bealaighe sin siar a d'innis dhom é, ar an aonach." "Shiubhal sé na bealaighe sin ar fad."

"Níl bealach a' bith annsin, nach raibh sé ann."

"Níl mé in eolus na mbealaighe sin, chor a' bith" = na lorgán; na gceanntar.

"Ní raibh aon-lá ariamh fhéin, nach raibh muinntear na mbealaighe sin, ag imtheacht as a gcranna cumhachta le leithead." "Níor cheart do na bealaighe sin suas a bheith falamh, gan deoir eicínt a bheith ionnta(b)."

"Mara bhfagha sé aon-bhean ins na bealaighe sin anois, tá sé réidh léithe."

"'Shiubhail mise gleannta 'gus sléibhte
'gus cnuic a bí géar as a mbarr
'gus a lán bealaighe eile nach ndéarfainn
a's dheamhan unsa ar bith céille in mo cheann'" [as "Neilí"]

"Scaoil bealach leis" = "tabhair cead a bhealaigh dó" = "leig bealach leis"
= leig 'un siubhail é; tabhair cead imtheachta dhó.
"Níl a dhath maitheasa dhuit a bheith a' saimhseáil mar sin leis. Scaoil
bealach leis." "Scaoil bealach leis feasta, a's ná coinnigh ar feadh
an lae é." "Ní scaoilfeadh sé bealach liom, gur dhubhairt mé
go mbeithí liom (i.e. anuas orm) sa mbaile."
"Shílfeá gur mó an bhrath a bhí ag na póilíos é 'thógáil, ach
scaoil siad bealach leis, faoi (dh)eire a's faoi dheoidh."
"Is mór an náire do'n mháighistir é, nar scaoil bealach lib fadó,
fharra's sib a bheith stiúctha leis an ocras an tráth seo 'ló."
"Scaoil bealach leis. Dheamhan punta oibre a dhéanfas sé aríst go
faoithin, mara bhfagha sé cead imtheacht'."
"Scaoilfinn bealach leis a' mbuachaill sin, dhá mbeadh fhios agham,
go bhfaghainn aon-bhuachaill eile go réidh. Dheamhan a' fiú
deich triuf é. Is mó atá sé sa mbealach orm."
"Is fadó an lá a scaoilfinnse bealach léithe in a rogha áit,
ach is measa leis a' tsean-bhean í, ná gealacán a súl, a's
ní mian léithe cead a' bhealaigh a thabhairt di chor a' bith."
"Dhéanfadh sé ár, dá leigeadh muid bealach leis, agus sáthach righte
a chuaidh sé linn é 'cheannsú chor a' bith."

"Sin é amach an bealach agad, má tá fonn imtheacht' ort."
[Déarfaí go goirgeach le duine istigh idteach é, a's é 'cur
a chosa uaidh ag iarraidh imtheachta, nó a dhul in áit eicínt]
"Sin é amach a' bealach agad, ach má thaobhuigheann tú an
teach seo aríst anocht, codlócha tú amuigh."
"Sin é soir a' bealach aghad, a's imthigh, go bhfeiceamuid
cá'ide go dteaga tú abhaile aríst!" "Sin é siar a' bealach
aghad, má tá an oiread sin fonn ort a dhul ann!"
"Sin é suas a' bealach agad, a's nar fhille tú go luath, gan
dochar gan díoghbháil dúinne!"

Bealach: cáilidheacht; béas; nós; páirt de thréathra nó
de cháilidheacht duine; ceird; slighe-bheatha
"'Sé Seáinín a bhí as bealach. Dheamhan siúite a' bith a bheadh ann,
ó thús, marach é; ach tuille gheár do'n diabhal (do'n chlampar, tubaiste
de'n mhíádh etc) aige, mara bhfuair sé garbh é, as a dheire" = 'sé
Seáinín a bhí contráilte, nó in a chionn-tsiocair, nó in a thús
-scéil leis an achrann, ach fuair sé faoi na forbhaí é,
shul dhá raibh an t-achrann thart, a's níl mise in a dhiaidh sin air.
"Marach gurab é Cóil atá as bealach, ní bheadh 'chuile dhuine anuas
air, mar atá." "Tú fhéin a bhí as bealach, faoi'n achrann
ó thús. Níl aon-mhaith dhuit a bheith ag iarraidh an milleán a bhualadh
thall ar an té údan eile chor a' bith."
"Dhá mbeadh sé as bealach faoi chéad, thiocfainn a chongnamh dhó,
mar ní fheicfeadh sé fhéin aon-anshógh ar dhuine." = dhá mbeadh
sé chomh contráilte, chomh cionntach, a's d'fhéadfadh duine a bheith
thiocfainn a chongnamh dhó, mar thiocfadh sé fhéin a' congnamh
do dhuine a d'fheicfeadh sé dhá bhualadh.
"Ní fhaca tú ariamh a' ceann céadna nach hé bheadh as bealach."
"D'aithin a' breitheamh gurb é fhéin a bhí as bealach, a's chaith sé
amach an chúis." "Bíodh na póilíos as bealach nó ná bíodh,
ach is beag a' sásamh a gheobhfas aon-duine in a n-aghaidh ó'n
ngiúistís." "Is cam a' dlighe é! Buaileadh bannaí ar a' té a bhí
saor, a's leigeadh amach an ceann a bhí as bealach, gan tada."
"Tá sé as bealach, a's as bealach go mór." "D'eile cé atá as
bealach ach é; nó síleann tú gur leis 'a' pump', ar íoc mé
mo leath-choróin thíos tigh W. inGaillimh air, mí ó shoin!"
"Níl ceachtar de'n chúpla le baint as margadh. Tá 'chaon duine aca(b)
as a' mbealach, ach pléidhidís fhéin le chéile é, go dtuirsighe
siad." [As a' mbealach = as bealach. Is minicí "as bealach", a's
is cosamhail gur duthchasaighe é freisin]. "Má bhí tú as bealach
thú fhéin, céard 'fhéadfas tú a dhéanamh air. Níl a dhath maitheasa
dhuit a' dhul 'un dlighe leis." "'Sé P. a bhí as bealach, ach
dheamhan mórán gaisce a bhí ar a' gceann eile fhéin. Ní raibh
claonadh 'bith aige ó achrann."

"Ní thiubhrainnse aon-dhá phunt dhéag dhó ar a' gcrupach de bhó úd.

Bhí sé as bealach fúithe (léithe)" = bhí sé ag iarraidh an iomarca.

"Is beag a bhí sé as bealach chor a' bith, marar iarr sé ach sin."

"Níl na siopaí seo thoir, mórán as bealach chor a' bith ina dheidh sin fhéin, nuair fheicfeas tú chomh daor a's atá earraidhthe i siopaí na Gaillimhe."

"Má bhain sé punt dhíot, 'scáth a ndearna sé dhuit, bhí sé go mór as bealach leat." "'Tá 'chuile scéal go maith go gcloise tú an dá scéal'. Ní hé an oiread sin chor a' bith atá an gabha se'aghainn fhéin as bealach, thar aon-ghabha eile."

"Hébrí (= pé'r bith) céard a dhéanfas tada eile, tá siopaí na h-áite seo as bealach ar fad leis a' bplúr. Gheobhfá céad plúir inGaillimh ar chúig déag, a's tá na scriosadóirí atá annseo a' baint seacht-déag a's sé pighne amach air."

"Ní bhíonn siad mórán as bealach chor a' bith, má íocann tú ar a' tairnge iad, ach mara n-íoca, mise imbannaí, go leagfa siad ort."

"Tá fir oibre as bealach, má's a' ceasacht páighe atá siad arís. Is gearr ó cheana, bhain siad árdú amach."

"Tá tú as bealach leis a' mbó. Iarr deich bpunt, a's b'fhéidir go ndéanfainn tairiscint eicínt annsin, ach má sheasann tú ar an airgead sin, is leat fhéin í, go ceann scatha(imh) eile." [margadh dhá dhéanamh ar aonach].

"Tá na bainbh as bealach ar fad, a's gan mórán de'n rath ar mhuca" = tá bainbh daor, a's muca saor.

"Tá sé as bealach ar fad, má bhaineann sé amach an méid sin."

"Ní raibh aon-lá ariamh, nach raibh sé as bealach le daoine bochta. Scrios sé iad, ach dheamhan mórán dhá bharr aige fhéin anois, th'éis a' tsaoghail. 'Tá muileann Dé mall, ach meileann sé go mín'." "Ná bí as bealach liom anois. Créatúr bocht mé, a's níl aon-airgead le dóghadh agham, mar atá ag tuille." "Ní bheinn as bealach chor a' bith leis, dhá dtairgeadh sé tada de'n rath dhom, ach níor thairg."

"Má chomhaireann tú suas 'chuile shórt anois, dheamhan a raibh mé as bealach leis chor a' bith. Cé'r mhór dhom fhéin luach mo shláinte a fhaghail."

"Dhá gcuirtheá-sa an oiread alluis leis a' gcarr sin, a's 'chuir mise dhá dhéanamh, déarfá fhéin annsin, nach raibh mé as bealach leat chor a' bith faoi."

"Tá tú scilling as bealach [a's a' mbealach]" = duine a bheith scilling contráilte a' déanamh suas cunntais, nó bille.

"Dhá fheabhas é leis a' bpeann, bhí sé leithphighinn as bealach in a dheidh sin. Fuair sé leithpighinn le cois ann, nuair a rinne sé suas é in ath-uair." "Ní bheadh sé cianóg as bealach le cúnntas, a chinnfeadh ar a' gcléireach is fhearr istigh inGaillimh, a's dheamhan lá a chaith sé ag aon-scoil ariamh."

"Níl rath ná ríoghacht a' déanamh suas cunntais. Bíonn sé go leor as bealach igcomhnuidhe." "Ní mórán a bhí mé as bealach chor a' bith — leithpighinn. Níor chuimhnigh mé go raibh leith-phighinn chorr ann." "Mara bhfuil tú ach cupla pighinn as a' mbealach, cé fiú a bheith trácht orra(b)." "Má bhíonn aon-duine de na cléireachaí sin, an leithphighinn fhéin as a' mbealach, gheobha sé bóthar a's bata abhaile." "Dhá chunntasaighe é, bhí sé pighinn as bealach."

"Dhá phunt as bealach a bhí an cunntas. Dhá mbaintí an méid sin de dhuine, deirimse leat, go n-aireochadh sé é."

"Ba mhinic le na leabhar a bheith as bealach, ach sílim gur in aon-turas a bhío(nn)s sí as bealach scaithtí" [leabhar siopadóra]

"Is suarach a' t-iongnadh go mbíonn a' cunntas as bealach, a's laghad a' staidéir a ghlacann sé leis fhéin dhá dheanamh suas. Fhobair gur bhain sé scilling a's chúig phighinn thar a' gceart díom an lá faoi dheire, marach gur ghoin m'aire mé a's gur iarr mé fhéin a' leabhar."

["Chuaidh tú as a mbealach ar fad" = chuaidh tú amudha ar chasán, nó chuir tú aistear nó timcheall ort fhéin. "Ní rabh fhios agham, go raibh muid chomh fada as a' mbealach gur ghealuigh an lá amach." "Mara mbí tú an-áirdeallach, is furasta a dhul as a' mbealach ann."

"Nuair a tháinic muid amach ar a' mbóthar, bhí muid, míle as a mbealach. Nach mór a' mearbhall a bhí orainn!"

"Ní chuirfe sé siúd é fhéin mórán as a bhealach le gar a dhéanamh d'aonduine" = ní chuirfe sé mórán anró ná stróbh air fhéin le

le maith a dhéanamh ar aon duine. "Ní chuirfeadh sé é féin as a bhealach a dhath, leis a' teine a thógáil de do chois." "Má chastar liom é, fiafrócha mé de é, ach ní chuirfe mé mé fhéin, as mo bhealach le n' fheiceál." "Baoghal ormsa, go gcuirfinn mé fhéin as mo bhealach le rud a chuir ann dó sin! Ní mórán a chuirfeadh sé é fhéin as a bhealach fhéin, le oibliogáid a dhéanamh d'aonduine eile."
"Ó thárla nach gcuirfeadh sé é fhéin as a bhealach d'aon-duine béidh a shliocht air: Beidheamuid amhla leis."
"Ní mórán a chuirfeadh sé as do bhealach thú, cupla uair a chluig a thabhairt dom, leis a' bhféar a chuir idtoll a chéile."
"Dhá mbeadh do chailleadh go deo air, ní chuirfeadh sé siúd é fhéin dubh na h-iongan as a bhealach fhéin, le fóirithint a dhéanamh ort." "Is beag a' sóilgheas é a Thighearna! Ní chuirfeadh sé é fhéin as a bhealach, uair a' chluig duit, dhá mbeadh na seacht sraith ar an iomaire aghad." "Is beag é gnaoi na ndaoine air, a's dar a shon! A' bhfaca aon-duine ariamh é dhá chuir fhéin as a' mbealach le garaidheacht bheag a dhéanamh do'n chomhursa?"]

"Tá bealach maith maireachtála aige, má thogruigheann sé fhéin é" = tá slighe mhaith mhaireachtála aige; nó deis mhaireachtála, nó caoi.
"Níl aon-bhealach airgid agam, ní a' ceasacht ar Dhia é."
"Cá'il a' bealach airgid agham, mara ngoide mé é, a's tá a chiotaighil fhéin sa ngoid!"
"Tá bealach maith aige, dhá mbeadh aon-rath leis fhéin" = tá posta, ceird, nó slighe mhaith airgid aige, dhá mbeadh sé indon é 'thapú, nó é 'chuir ar sochar dó fhéin.
"Ní uireasbha bealaigh atá air, ach níl aon-déantús maitheasa ann fhéin." "Ab in é an bealach atá aige (atá leis, féach "bealach" níos fuide amach. Tá ciall eile leis an gceist seo)?
"D'eirigh bealach maith leis, ach leig sé uaidh é, le dreabhlás a's siléig" = d'eirigh posta, ceird, nó slighe mhaith leis, ach chaill sé é aríst, le dreabhlás a's siléig.
"Mharbhuigh 'athair a's a mháthair iad fhéin leis a' mbealach sin a thabhairt dó (posta, ceird etc), ach ní raibh sé de rath air, é

'choinneál ina dheidh sin." "Cailleadh lán mála leis lena chur ar bhealach maith (i.e. le dochtúr a dheanamh dhi), ach bhí sé chomh maith é 'chaitheamh sa bhfairrge ná é 'chailleadh leis, mar amudha a chuaidh 'chuile phighinn dhi."

"Níl aon-bhealach ar foghnamh (de'n rath etc) aige. Seachtmhaineachaí b'fhéidir dhó lán laidhre a dheanamh, ach ar a shon sin, b'fhéidir go mbeadh sé mí aríst, gan cianóg ruadh a dhéanamh."

"Tá sé 'déanamh airgid, a's má tá fhéin, is dhó is fusa, arae 's aige atá 'bhealach." "Níor mhór dhó bealach eicínt eile a tharraingt air fhéin anois, fharra's an bealach atá aige" = ní mór dhó a dhul ar shlighe-bheatha eicínt eile a sholáthar dhó fhéin, seachas an tslighe bheatha atá aige.

"Má chinneann a' bealach sin air, is beag a' mhoill air siúd bealach eicínt eile a tharraingt air fhéin. Mise imbannaí nach mbeidh sé ar deire ar aon-chaoi." = "má chinneann a bheatha a bhaint amach mar tá sé, gheobha sé posta, nó ceird eicínt eile, ach ní bheidh sé d'uireasbha slighe, ar aon-nós.

"Is deas é 'bhealach muis, má's in é 'bhfuil de bhealach aige faoi dheire!" = is gránna an tslighe bheatha atá aige má's in é an cineál slighe bheatha atá aige [ní raibh fhios ag an gcainnteoir go dtí sin gurb é, arae ní chuirfeadh sé an leagan sin ar a' gcainnt dá mbeadh 'fhios]

"'Tuige nach bhfuil de bhealach aige ach mar sin. Má b'fhíor go raibh an-phosta de'n tsaoghal aige sin imBaile Átha Cliath!"

"Tá bealach deas glan aige, má thugann sé aire dhó, ach is iomdha duine níos críonna ná é, ar imir a' t-ól air."

"Tá bealach sáthach suaimneach aige, a's gan mórán oibre, ach go gcaitheann sé 'bheith in a shuidhe ó oidhche go maidin."

"Is deacair a chomhairleachan a thabhairt do'n cheann céadna. Bhí bealach maith cheana aige in Ameriocá, a's páighe mhór, a's leig sé uaidh é le cion-faillighe." "Is deacair bealach maith a fhaghail ar a' saoghal seo" = is doiligh slighe-mhaith maireachtála a dheanamh amach. "D'imthigh (d'imir?) an d-l uirre, má d'eitigh sí an fear sin, a's an bealach atá aige!"

"Ab in é an bealach a bhfuil sé?" = ab in é an chaoi atá air; an mar sin atá sé; ab in é an staid a bhfuil sé?

"Ní rabh fhios agam gurbh in é an bealach a raibh sé — in a chráidhteachán de thútachán. Anois d'aile!" "Is do-chreidthe an scéal é go mbeadh sé ar a' mbealach sin" (go dona tinn). "Má tá sé ar a' mbealach sin (ag ól) is mór a' díol truaighe a bhean 'sa chlann." "Má tá sé ar a' mbealach sin, cuirfidhear go Béal Átha na Sluaighe(adh) é." (go dtí an Gealtlann)

"'Bhfuil sé i bhfad ar a' mbealach sin?" = ar a' gcaoi, ar a' gcuma nó ar a' deis sin (ag ól, tinn, saobhtha, etc).

"Duine gnaoidheamhail é, ach ní ar a' mbealach sin é" (i.e. ní thiubhrad sé airgead ar iasacht uaidh). "Ní ar a' mbealach sin (i.e. a' tabhairt óil uaidh, ag obair etc) is fhearr é." "Corr-dhuine atá go maith ar a' mbealach sin." [corr-dhuine a thiubhradh rud duit in aisce).

"Tá fonn orm a dhul ann, ar bhealach, a's ar bhealach eile, níl" = tá fonn orm a dhul ann ar mhodh, a's nuair a smaoinighim orm fhéin aríst níl; nó tá fonn orm a dhul ann, a's tá rud eile do mo coinneál as. "Fear maith oibre é ar bhealach." "B'fhearr dhuit, ar bhealach, gan tada a rádh leis." "Tá olc agham dó ar bhealach, a's ina dheidh sin fhéin, seans gurb é a rinne an ceart."

Seán: tá sé siúd an-droch-(mh)úinte.

Pádraic: ar bhealach [ar bhealach tá; tá ar bhealach; 'sé atá ar bhealach; ar bhealach amháin tá etc.]

"Is ait an áit a fuair sí ar bhealach, ach indomhnach tá a dhonacht fhéin ann freisin." "Bhí fhios agam, ar bhealach eicínt nach mairfeadh sé i bhfad." "Ar bhealach eicínt, bhí sé dhá fheiceál dom, go raibh an méid sin le m'aghaidh."

"Tá sin mar sin, ach tá'n bealach eile ann freisin" = sin sleid nó streille amháin ar a scéal, ach tá innseacht eile air freisin; sin é do leagan-sa ar a' scéal, ach chuirfeadh an fear thall leagan eile air. "Tá an scéal sin ceart go leor, an té a chuimhneochadh mar sin air, ach tá'n bealach eile ann chomh maith."

"Sin é an bealach anois" = "sin é an chaoi" = "sin é an scéal."

[Sin é an chaoi a bhfuil an scéal. Déarfaidhe seo, dhá n-innsigheadh

duine scéal a bheadh buille do-chreidthe b'fhéidir.]
"Sin é an bealach a mhic ó!" = sin é an chaoi 'bhfuil an scéal;
is mar sin atá sé. "Ab in é an bealach?": freagra:
"Sin é an bealach." "Ab sheo é an bealach atá ort?" = dá
bhfeiceadh duine, duine eile in áit, nó i staid áithrid, a's
súil aige, nach annsin ná ar a' deis sin a bheadh sé. Cuirigcás
gur bhuail duine isteach idteach, a's duine istigh ann roimhe,
a cheapfadh sé a bheith imthighthe ar bhainis etc.
"Dheamhan fhios agham fhéin cé'n bealach é" adéarfaidhe, le
tabhairt i gceist go raibh iongantas ort faoi scéal
a h-innsigheadh duit, nó faoi rud áithrid a bheith ar a'
gcaoi a raibh sé.
"Sin é 'chuala mé anois, a's dheamhan fhios agham fhéin cé'n
bealach é thairis sin." "Sin é adubhairt C. Mh.
liomsa indiu, a's dheamhan fhios agham féin, cé'n
bealach é, ach a méid sin." "Ní bheadh fhios ag duine cé'n
bealach é, ná céard 'tá teacht ar a' saoghal chor a' bith."
"Sin é anois a' bealach é" = sin anois an chaoi a bhfuil sé;
an deis atá ar a' scéal etc. = "sin é an bealach anois."
"Is deacair dhom mo bhealach a dhéanamh a's a bhfuil dhá
fhaghail de chaidéis dom" = "is doiligh dhom mo bheart a
tharraint ná treabhadh liom, chor a' bith, a's a bhfuil de
bhiadán a's de chainnt dhá dhéanamh fúm.
"Déan do bhealach a's ná cuir ceist ar aon-duine" =
dean do ghnaithe fhéin, a's ná bac le aon-duine eile.
"Nach bhféadfá do bhealach fhéin a dhéanamh a's leigean
(dh)omsa?" = nach bhféadfa breacadh leat, a's gan araoid
a' bith a chuir ormsa?
"Ar aon-bhealach, níl fúm a dhul abhaile anois" = ar aon-chor
"Caithfe sé a bhealach fhéin a fhaghail" = caithfe sé cead a fhaghail a
rogha rud a dheanamh; caithfe sé cead a choise a fhaghail.
"Níl aon-tsástuigheacht air, faoi nach bhfaghann sé a bhealach fhéin."
"Fuair sé a bhealach fhéin ro-mhór, a's sin é 'd'fhága gan smacht gan
múineadh é."

"Is furast' aithinte air, gur tugadh an iomarca dhá bhealach fhéin dó."
"Má thugann tú a mbealach fhéin do ghasúir, suidhfe siad in do bhun, ar fad."
"Ní raibh ceannús ceann a' bith air, ó d'imthigh an t-athair (ó fuair sé bás). Thug an mháthair a bhealach fhéin dó, a's tá 'shliocht air, indiu: tá sé leigthe leis fhéin ar fad."
"'Sé an rud is measa a rinne athair ná máthair ariamh a mbealach fhéin a thabhairt do ghasúir. Ar chuala tú ariamh é: 'A chomhairle fhéin do mhac Anna, a's ní bhfuair sé ariamh, níos measa'."
"Is suarach a' t-iongnadh go n-eireochadh sé imullach na ndaoine, a's a bhfuil sé a' fhaghail dhá bhealach fhéin."
"Is fhearr dhuit an malrach sin a smachtú in am. Má thugann tú a bhealach fhéin dó, cinnfe ort aon-cheart a bhaint dhó, ar ball."
"Beidh a bealach fhéin aice, de'n bhuidheachas" = cead a cinn nó a coise.
"Déan do bhealach, a's ná bac liomsa" = déan do ghnaithe fhéin (do chuid oibre fhéin; tabhair aire dhuit fhéin) a's ná cuir araoid a' bith ormsa.
"Is maith an rud do 'chuile dhuine a bhealach fhéin a dhéanamh, a's gan bacadh le aon-duine eile" = "is maith an té a dhéanfas a bhealach fhéin." = "má dhéanann duine a bhealach fhéin, is maith an rud dhó sin, a's gan araoid a chuir ar aon-duine eile."
"Déan do bhealach, a's fág a' créatúr sin len' anshógh fhéin."
"Ní dhearna sé a leath-cheart leat — druimeáil mhaith a thabhairt duit — a's 'fhusacht duit do bhealach fhéin a dhéanamh, a's gan araoid beag ná mór a chuir air."
"Nach bhféadfa do bhealach fhéin a dhéanamh anois, a's gan a bheith a' saimhseoireacht liomsa? Beidh aithmhéala ort as a dheire."
"Déan do bhealach anois, a's leig dhomsa ar mhaith leat fhéin."
"Nach mbadh caoitheamhail a' rud do dhuine a bhealach a dhéanamh, a's gan a bheith ar a' gceird sin dólúm (= dólámh)?"
"Déan do bhealach, a's ná cuir ceist a' bith ormsa feasta"

"Sin é an bealach atá leis" = "sin é an faisean atá aige" = sin é a bhéas, a nós, nó a cháilidheacht.
"Nach gránna an bealach atá leat, a' cangailt t'ingne i gcomhnuidhe?" "Nach gránna an bealach atá léithe, má's a' sioscadh

bréag a bhío(nn)s sí le 'chuile dhuine."

"Is gránna é do bhealach (an bealach atá leat) dá mbeadh fhios agad é!"

"Sin é an bealach is gráinne a bhí le (no, ag) duine ariamh — ag aithléigh-eamh ar 'athair nó ar a mháthair."

"Tá bealach an athar leis (aige) — an mhochóirighe, a's an antlás."

"Níl bealach ar foghnamh a' bith leis a' gceann sin."

"Cái'de an bealach sin leis? Níorbh fheasach mé go raibh sé achrannach chor a' bith" = "Cái'de ó thug sé d'fhaisean dó fhéin a bheith a' troid a's ag achrann?" "Tá mé ar do bhealach" = tá mé mar thú.

"Ní bealach maith é sin le duine 'bith a bheith ag ithe a's ag gearradh ar a chomhursa. Cé atá agad, ach do chomhursa lá an anshógha?"

"Ní thaithnigheann a bhealach chor a' bith liom. B'fhearr liom nach dtarraingeochadh sé 'na tighe chor a' bith agham."

"Díol cam air, mara deas é 'bhealach!" = droch-rath air, mara gránna an faisean atá aige!"

"Ní raibh aon-bhealach múinte le aon-duine, dhá dtáinic ar a chine ariamh" = ba daoine mío-mhúinte 'chuile duine dhá dhreám."

"Níl milleán a' bith aghamsa ar a' stóicín. 'Sé'n bealach é 'bhí len 'athair fhéin roimhe." = "níl an stócach ag dul in aghaidh duthchais chor a' bith, a's ní díol milleáin é, dhá bh(r)ighthin sin. Bhíodh athair fhéin ar a' gceird, nó ar a' bhfaisean, céadna roimhe.

"Nach aisteach a' bealach a thug sé faoi deara dhó fhéin, a' diúl a mhéarachaí."

"Tá bealach deas caoitheamhail léithe" = tá sí ciúin múinte, tláth.

"Ní raibh aon-bhealach deas ariamh leis fhéin, ná le aon-duine dhá dhreám."

"Sin é an bealach atá a' siubhal leis" = sin é a bhealach; sin é an gnás atá aige.

"Ná cuireadh a' méid sin múisiam a' bith ort: sin é a bhealach."

"Tá sé taghdach go leor scaithtí, ach sin é 'bhealach."

"Nuair a bhuailea(nn)s a' t-olc é, mharbhóchadh sé thú, ach dheamhan fear ar a dhá chois, is feilmheanaighe, ná's soilgheasaighe ná é, in a dhiaidh sin. Níl aon-neart aige ar a' taghd bheag sin. 'Sé a bhealach é."

"Is aisteach a' bealach atá leis, ceart go leor, ach 'sé 'bhealach é 'na dheidh sin. Ar chuala tú ariamh é: 'ní h-ionann fad de do

mhéar: ní h-ionann tréartha do chuile dhuine'"

"Níl duine ar a' cháilidheacht sa tír, leis a' mbealach aisteach atá leis."

"Cuir stuaic air, a's mise imbannuidhe go mbeidh 'fhios aghad annsin, cé'n bealach atá leis!"

"Má tá'n bealach sin fhéin leis — a's is gránna an bealach é le duine — dhéanfad sé soighleas a' bith, do'n té a mbeadh aon-bheann aige air." "Tá a bhealach fhéin leis sin" = tá sé gar dó fhéin; nó tá sé olc, taghdach, achrannach, nó tá gnás eicínt aige, nach mbíonn ag a' gcuid eile dena daoine.

"Tá'n bealach sin leis, ach cé'n mhaith sin, ó tá a mhilleadh ann aríst" = duine a mbeadh deagh-cháilidheacht a' siubhal leis, ach a' mbeadh a' droch-cháilidheacht freisin ann, leis a' maith a bhaint as a deagh-cháilidheacht.

"Tá'n bealach sin leis ceart go leor, ach tá'n bealach eile leis freisin" = tá sé cóir, gnaoidheamhail nó go lághach, ach tá a mhilleadh aríst ann.

"Ní dhúinfeadh sé a shúile ar dhuine, a's feiceadh sé an t-anshógh air, ach tá'n bealach eile leis, mar sin fhéin. Tá sé 'baint a dhá luach amach ar chuile mhíle nídh dhá bhfuil istigh in a shiopa."

"Tá'n gnaoidheamhlacht a's an chórtas ann ceart go leor, ach tá'n bealach eile leis freisin. Mara bhfuil sé trom nó te, tá sé árduighthe leis aige."

"Marach a' bealach atá leis, b'fhurasta dhó é fhéin a thógáil."

"Níl a bealach le aon-bhean sa tír, ach léithe fhéin."

"Is deas é do bhealach go deimhin!"

"Má's sin é an bealach atá leis, ní thiubharfa mise aon-chomhluadar dó níos mó."

"Cailín beag seifteamhail í, 'bfuil bealach lághach léithe."

"Dhá mbeadh fhios aige go raibh an bealach sin léithe, is dóigh nach bpósfadh sé í. Ach deir siad go bhfaluigheann grádh gráin."

"Níl bheidh fhios agad, cé'n bealach atá le aon-duine ceart go n-ithe tú céad salainn ab uil é. Ní aithne go h-aointighe -as." "Is olc a' bealach atá leis, nach dteigheann 'uig an Aifreann"

"Mara n-eirighe tú as a' mbealach sin (droch-ghnás nó droch-nós), caoinfe tú é, ar ball. Ach bíodh agad a mhic ó. Beatha do dhuine a

a thoil, mar adeir C. leis a' mac, nuair a chuaidh sé le tincéaracht."

"Tá bealaighe beaga dhá gcuid fhéin aca(b) sin, nach bhfuil ag dream a' bith eile" = tá gnáis nó nósa aca, nach bhfuil ag daoine eile.

"Bhí bealaighe dhá gcuid fhéin ag muinntir a' bhaile sin ariamh."

"Tá bealaighe beaga léithe, nach dtaitneochadh leat, mara mbeadh eolas aghad uirre."

"Mara mbeadh eolus ar a chuid bealaighe agad, shílfeá gur leibide ceart é, ach ní h-eadh."

"Bealaighe iad sin atá leis (atá aige)" = gnása aisteacha, nó cáilidheacht nach mbíonn, ach i ndaoine i bhfad ó chéile.

"Is beag dhá chuid bealaighe an méid sin" = sin cuid dhá chuid bealaighe nó dhá cháilidheacht (le gleacuidheacht nó imeartas adeirtear é go h-iondamhail) "Is beag dhá chuid bealaighe an méid sin a rádh leatsa; ach cuirfe mé geall nach ndéanfa sé in a dheidh sin, an rud adubhairt sé." "Is beag dhá chuid bealaighe, an méid sin a dheanamh, a's é bhualadh thall ar dhuine eicínt eile."

"Tá go leor bealaighe aige" = tá go leor imeartais, nó gleacuidh-eachta, nó aigeantachta a' siubhal leis, nó tá nósa groidhe aige.

"Ná bac le bealaighe! Is aige atá a dtabhairt amach."

"Ní fhaca mise a chuid bealaighe, le aon-duine sa teach, ariamh cheana."

Bealadh, bealtuighthe, bealthuigheann etc, bealthuidheacht

Bealadh = [ainm-fhocal — baininscneach agus gein. aonda — bealtha] = cineál gréise atá oilteamhail, a's a cuimlighthear d'acastóirí carranna, do rotháin, nó d'acraí iarainn ar bith, le na gcuid screadghaile a bhodhrú, a's le na ndéanamh so-ghluaiste, má's docht dóib.

Bealthuidheacht = gréis; substaint oilteamhail a' bith; annlann; beatha oilteamhail nó bog beaduidhe. [ainm-fhocal; baininscneach; gein. aonda — bealtuidheachta]

Bealuigh, Bealthadh (nó bealthughadh), bealócha etc. [briathar].

= cur gréis ar; déan oilteamhail é; cuir annlan in a aice.

"Airighim an-screadach ag acastóir a' chairr. Is géar a theastóchadh bealadh uaidh."

"Tá'n t-acastóir an-docht. Ní mór dhuit scráib bhealta a chuir air."

"Má chastar do'n bhaile mór thú, ceannócha tú punt bealtha cairr dhom."

"Níl aon-ghnaithe amach aghainn leis a' gcárr sin, go gcuirtear bealadh air. Chloisfeá míle uait an scréachghail atá air, le seachmhain."

"Má tá na róthaí scoiltighthe, níor mhór dhuit é a chuir ar bogadh i lochán eicínt, a's annsin foracún bealtha a chuir air. Cuir ar a' slaidín a's eile é."

"Tá'n t-acastóir an-docht, maran d'uireasbha bealtha é."

= "is deacair leis a dhul timcheall."

"Ní mór do'n acra sin bealadh gan mhoill." "Ní dheanfadh bealadh na h-airí, aon-mhaith do'n bhall uirníse sin anois, arae tá sé caithte ó Dhia a's ó'n saoghal." "Tá'n olann ó rath de bharr bealtha, atá calcuighthe innte."

"Tá'n roth an-stodamach cheal bealtha" = tá sé docht d'uireasbha bealtha.

"Dhá gcuirtheá bealadh air, b'fhéidir go mbainfeá scathamh eile as, ach déarfainn go bhfuil sé ó mhaith ar aon-chor."

"Shíl mé gur cheal bealtha a bhí air, ach indeir (: indar) liom fhéin nach h-eadh anois, arae tá aois na h-Úire a's na Caillighe Béara aige. Is mór a chruthaigh sé a's seasamh, an fhad, chor a' bith."

"Mara mbaine tú aon-fheacadh as anois, leis a' mbealadh; caith i dtraipísí é." "Is mór a' rath air an méid sin fhéin bealtha. Níl mairg a' bith air a dhul timcheall anois."

"Ní mór dhuit é a ghlanadh, a's bealadh a chuir air, arae tá sé calcuighthe istigh ann, ag a' salachar."

"Cuir bealadh faoi t'ioscadaí" = déan deabhadh nó deifir.

"Shílfeá gur bealadh atá ar 'éadan aige, tá sé chomh buidhe bróthach sin."
"Chuir a' cailín sin, bealadh ar a h-éadan" = dath buidhe ar a ceannaghaidh
"Ní bealthuighthe ag a' ngréin atá sí chor a' bith, ach bhí sí mar sin,
ó rugadh í."
"Cuireann mná an tsaoghail seo, bealadh eicínt ar a n-éadan le go
mbíonn siad chomh buidhe a's bhíonn siad."
"Sin sórt gréis eicínt a chuirea(nn)s sí uirre fhéin, a's ní
bheadh fhios aghad, nach bealthuighthe ó'n ngréin a bheadh sí, mara
mbreathn(uig)theá an-ghrínn de'n tsaoghal uirre."
"Tá na 'niggers' a d'fheicfeá in Ameriocá an-bhealthuighthe,
as a gceann-aghaidh, a's an-bhrocach le dhul 'na n-aice."
"Tá sí buidhe bealtuighthe" = tá sí an-bhuidhe (ó nádur — cuirtear an
dá fhocal le na chéile, fearacht mór millteach etc).
"Is diadhachta dhuit a bheith buidhe bealthuighthe mar atá tú. Níl fhios
agam cé uaidh a dtug tú chor a' bith é!"
"Nach buidhe bealthuighthe an ghné chraicinn atá uirre. Tá sí chomh
buidhe le Buidhe-Áille!" "Ágóidín bheag bhuidhe bheathluighthe í,
as a ceann-aghaidh. Tá sí ó shlacht uileag ag a cuid buidhchte."
"Bhí craiceann an-gheal air sin, a's é 'na pháiste, ach ó tháinic sé
suas, tá sé buidhe bealthuighthe ar fad."
"Is beag a' slacht í. Tá sí chomh buidhe bealthuighthe le ní mé cé hé!"
"Is corr-dhuine a d'fheicfeá chomh buidhe bealtuighthe oilteamhail léithe."
"Gairmeach mhór bhuidhe bheathluighthe í, a's dhá mheall de dhá cholpa
uirre, nach bhfillfeadh (= nach dtillfeadh) síos sa gcléibhín sin amuigh."

Fód bealtuighthe = fód láibe in aice cloiche shleamhaine in abhainn, i loch, nó
i gclaise sratha. Bíonn sé buidhe scaineamhach sleamhain.
"Síolruigheann na bradáin ar a' bhfód bealtuighthe i línn abhann."
"Gheobhfá a gcuid eochraigh ar an bhfód bealthuighthe sa scainimh faoi
Shamhain." "Ba cheart go mbeidís a' síolrú anois ar a' bhfód bealtuighthe
sin amuigh 'san áit a bhfuil an linn mharbh." (bradáin)
"An fód bealtuighthe sin ar fad atá igclaise an tsrotha ingarraidhe an
chladaigh, agus is beag an luibhthearnach chor a' bith a fhása(nn)s air,
leis a' gclaise a thachtadh."

Créafóg nó ithir bhealthuighte nó bóthar bealthuighthe: creafóg nó ithir a bío(nn)s sleamhain, tamáilte moirteamhail in diaidh baistighe, nó bíonn cinéalacha ithreach ann, a bhíos amhla d'uireasbha mórán báistighe chor a' bith, bóthar bealthuighte = bóthar a lonnuigheann draoib air, a's a bhíos sleamhain, sciorrach th'éis báistighe, fearacht bóithrí na cloiche glaise.

"Tá'n ithir ro-bhealthuighthe indiu le dhul in a h-éadan th'éis na báistighe." "Ní bheitheá ach de do mheath fhéin a dhul a' spréidheadh ithreach indiu: tá sí ro-bhealthuighthe, ro-mhoirteamhail de bharr an tuile sin aréir." "Tá'n chreafóg atá sa ngarraidhe céadna chomh támáilte bealthuighthe sin, má fhaghann sí múirín báistighe a' bith, a's go sáróchadh sí thú, le dhul a' pléidh léithe."

"Bíonn an chreafóg ghainimh buidhe sin an-bhealthuighthe i gcomhnuidhe."

"Is mór a' t-iongnadh go bhfuil a' talamh a' cothú chomh bealthuighthe a's atá sé, a's an tiormach a bhí ann ó mhaidin!"

"Ní chuirfinn láighe idtalamh indiu. Is bealthuighthe liom atá an chreafóg."

"Ní lá maith a' múchadh talmhana é indiu. Chaithfeadh sé gur bhealthuigh an méid sin báistighe an talamh thar cíonn." = ní lá maith a' leagan bruachannaí é, mar chaithfead sé gur go ndearna an méid báistighe a chaith sé an ithir [féach ithir — ní h-ionann a's "soil"] moirteamhail támáilte.

"Bhí an talamh luirg an-bhealthuighthe, an-do-spréidhte indiu."

"Má dhéanann sé brigh báistighe, is fhearr dhaoib, a dhul a' cur amach fheamuinne arae ní bheidh sé in araidheacht a dhul a' spréidheadh ithreach, beidh sí chomh bealthuighthe sin."

"Is contabhairt é an bóthar sin siar anois, ag fear 'bicycle'. Tá sé chomh bealthuighthe sin ag a' mbáisti(gh) a's go sciorrfadh an bicycle fút, mara dtugtá an-aire go deo dhuit féin air."

"Níl neart aige deor a' bith báistighe a chaitheamh, nach mbíonn an bóthar sin chomh bealthuighthe, a's nach mbíonn sé in araidheacht ag duine siubhal air, mórán leis."

"Cuireadh ar a bhéal a's ar fhiacla sa bportach é in áit ar sciorr sé ar a' mbruach bealthuighthe, a raibh siad a' cur aníos na móna air."

"Luibh bhealthuighthe í a bhío(nn)s caithte in a cairteannaí ar a' sliabh."

"Níl feamuinn a' bith is bealthuighthe a bhío(nn)s ná'n fheamuinn tirm ó gheobhfas sé brigh 'bith báistighe th'éis a coctha."

"'Sé raibh ann conuas de'n fheamuinn bealthuighthe sin, ar locháin le íochtar. Níorbh fhiú do dhuine mórán dá saothar a chuir air fhéin."

"Bhí cosamar beag (i.e. feamuinne) isteach, ar maidin, ach níor bhain mé léithe chor a' bith, mar sí'n fheamuinn bhealthuighthe ghiortach sin a bhí ann, a's mhearóchadh sí thú ag iarraidh í 'líonadh."

"Ní féidir na fleascannaí bealthuighthe sin a líonadh i mbord chor a' bith. Cléibhín nar mhór do dhuine ina n-éadan."

[Fleascannaí = cineál feamuinne, atá leathan tanaidhe ar dhéanamh cláir].

"Barr-cuanla í, a's í chomh bealtuighthe, a's go n-imtheochad sí lobhtha as do chrúba." [barr-cuanla = feamuinn barr-chladaigh, féach "barr-cuanla"]

"Is doiligh an conuas bealthuighthe sin a líonadh. Dhéanfadh sí mionuas idir do lámha."

"Tá mo lámha uileag bealthuighthe ag an bhfeamuinn (feoil etc.) sin."

"Nach bealthuighthe atá an teanga aige?" = "nach ar a theanga atá an bealadh" = "tá ruibh na cainnte air"; "ní thagann iabh ná forus ar a theanga ach a' ropadh léithe"; "tá an díle cainnte air.

"Sin é an buachaill a bhfuil an teanga bealthuighthe aige ar maidin" = fear poiliteachta a' cainnt le sluagh.

"M'anam gur maith bealthuighthe atá a theanga ar maidin. Dheamhan hAiristoitil a choinneochadh a dhíol cainnte anois leis."

"Chuir sé bealadh faoi'n teanga trathnóna shul dhá(r) bhog sé amach ar a chuairt." "Marar chuir sé bealadh faoi'n ioscadaí a' teacht, chuir sé bealadh faoi'n teanga" = siubhal roighin a bhí aige, ach bhí neart le rádh aige. "Ní thiocfa sé gearr sa gcainnt ar chuma'r bith. Nach beathluighthe atá an teanga aige."

"Is beag a' stróbh ar sin, coc a choinneál leis an oiread eile. Tá'n teanga beathluighthe go maith aige sin, deirimse leat."

"Nach hí an teanga atá bealuighthe leis a' gclár mín a chuir ar a' mbréig." "D'fhéadfá teanga bealuighthe a thabhairt uirre. Ní dhéanfa sí staic air, mar dhéanfad sí ar dhuine eile, nuair a bheadh rud le rádh aige."

Bealthuidheacht: "'Is beag de'n bhealthuidheacht is fhearr ná'n turaidheacht'" [sean-fhocal] = is beag an t-anlann a bheadh agad le biadh, nuair ab fhearr é na biadh tur.

"Is mór a' t-annlann é an scadán fhéin fharra's iad ithe (fataí) tur, tar. Deir siad ariamh 'gur beag de'n bhealtuidheacht ab fhearr ná'n turaidheacht'."

"Ar airigh tú aon-bhealthuidheacht in a dtimcheall" = "ar airigh tú aon-ollamhaitheas nó aon-annlann (feoil, im etc) aca(b)? "Ní itheann sé sin aon-ghreim tur aon-uair. Bíonn bealthuidheacht eicínt aige i gcomhnuidhe aige."

"Is le na bheith tur dóib muis a bheith taobh leis an méid sin bealthuidheachta. Cáide a thiocfas puintín gágach feola ar lán tighe."

"Mise imbannuidhe gur fhan sé in aice na bealthuidheacht. Nach hé atá beaduidhe, go bhfagha sé feoil."

"Bhí sé thart, in áit nar eirigh aon-cheo de'n bhealthuidheacht leis."

"Ní bhíonn sí aon-uair d'uireasbha na bealthuidheachta."

"Cáide orra fhéin an méid sin bealthuidheachta. Is beag a' teirgéis feola a gheobhfas tú anois ar do dhá scilling."

"Is beag a' mheas a bheidheas aige siúd ar tae a's ar uibheachaí, mara bhfagha sé bealthuidheacht fharras sin."

"Go dtuga an diabhal thairis a chuid bealthuidheachta croisim aríst é! I leaba a dhul a' ceannacht fheola, ba chóra dhó go mór fada balcaisí eicínt éadaigh a cheannacht dá chuid cloinne, atá ag imtheacht a's gan snáth de na seacht n-éadaighe orra(b)."

"Nach dúlaidhe atá sí sa bhfeoil i gcomhnuidhe? Níor mhiste léithe í fhéin a chuir de dhruim tighe, ach bealthuidheacht a choinneál léithe fhéin!" "Airighim bealthuidheacht bheag fheola ann indiu."

"D'fhan sé imbun na bealthuidheachta indiu."

"Tá sé in a chaidhfte igcomhnuidhe ar a' teallach aghainn, a's ní bheadh a dhath bealthuidheachta, ná beaduidheachta ann in gan fhios dó!" "Teach maith bealthuidheachta 'bhí ann 'chuile lá ariamh."

"Thosuigh mé a' sméarthacht sa drisiúr, gur airigh mé bealthuidheacht bheag fheola ann, a d'fhan d'fhuighleach a' dinnéir, a's d'ith mé suas as cúl mo ghlaice í."

"'Bhfuil aon-bhealthuidheacht agad le na fataí seo?"
"Dheamhan bealthuidheacht ná cuid de bhealtuidheacht aghamsa le t'aghaidh, ná 'shlighe agam. Ith suas tor, tar iad. Is maith an chiall aghainn fhéin é!" "Is beag a' bhealthuidheacht atá ag a' tír, a's tá déanamh dá huireasbha aca(b). Ach nuair a bheidheas sclamhairí de pheataí ann, is mian leo(b) bealthuidheacht a bhaint amach as do chreatlaigh. Ach deirimse leatsa, go mbainfear as a' gcleachta sib feasta. Tá feoil ro-dhaor anois, lé í 'choinneál libse."
"Bhí pota breagh fataí gáiridhe bruithte aice, a's bealthuidheacht fheola in' aice sin, a's marar leag muide orra(b) ní lá go maidin é." "Tá uibheachaí ann ceart go leor, ach tá bealthuidheacht thairis sin istigh faoi chaolachaí an tighe in áit eicínt, dhá bhféadainn í 'fhaghail."
"Chleacht sí sin bealthuidheacht, ach tá faitchíos orm gur beag an bhealthuidheacht 'eireochas léithe 'san áit a bhfuil sí ag (d)ul anois."
"Is iomdha sin annlann in aice cladaigh. Tá'n bhealuidheacht éisc ann a's an cnuasach cladaigh, a's deirimse leat gur beag a' locht toit bháirne fhéin, dhá mbeadh goile géar agad."
"Is beag an lón, do cluithche cloinne atá aice an teirgéis bheag bealthuidheachta sin" = is gearr a sheasfas an méid sin feola, ime, etc dóib, scáth a bhfuil ann di, a's an iomad béal atá le dhul a' fiachadh air.
"Nach thú an truagh-Mhuire chríochnuighthe againn, gan bealthuidheacht!"
"Ba gearr de lón dom, bealthuidheacht na Nodlag, a's ní fheicfe mé aon-bhealthuidheacht aríst, go dtige an tSaoire."
"Ní leigeann siad sin a' béilidhe fhéin tharta(b), gan bealthuidheacht eicínt a bheith aca(b) in' aice. A's d-l mise, nach bhfuil slacht a gcodach orra(b) ina dheidh sin. Is mó an smais atá ar a' dream atá taobh le arán tur, ná orra(b)."
"Ní bheadh aon-chur suas de bhealthuidheachta bheag fheola agham, dá dtairgthí dhom í, ach dheamhan tairiscint."

"'Bhfuil aon-bhealthuidheacht agad a bhéarfa dhom leis an arán seo?" = im.

"'Bhfuil aon-bhealthuidheacht ime agad?"

"'Raibh bealthuidheacht a' bith aca(b) leis an ngabáiste."

"Dhá mbeadh ruainnín a' bith feola aghainn leis a' ngabáiste a bhealughadh, d'íosfadh muid greallach bhreagh dhi" (i.e de'n ghabáiste).

"Má bealthuigheadh nó má bruitheadh an ghabáiste sin i bhfeoil, níl aon-chead ithte uirre indiu" (Dia h-Aoine).

"Tá sé chomh dona an gabáiste sin a ithe, leis a' bhfeoil fhéin, má bealthuigheadh le feoil í."

"Féadfa tú an ghabaiste sin a ithe; tá sí bealuighthe go breagh le feoil."

"Is maith leis a chuid aráin a bheith bealthuighthe i gcomhnuidhe" = im a bheith air. "Mara bhfagha sé sin arán bealthuighthe, ní thiubharfa sé bolg do arán tur."

"Is dhó is fusa a chuid aráin a bhealthú: 'sé is mó atá 'saothrú."

"Má tá sé 'cínnt ortsa do chuid aráin a bhealthú, go bhféacha an t-Athair Síorruidhe orainne!" = má tá sé 'cinnt ort thú fhéin a bheathú go maith, cé'n goir atá againne é 'dhéanamh.

"Cé'n chaoi bhféadfa créatúr bocht gan slighe ná faghaltas a chuid aráin a bhealthú?"

"Taoiseach láidir é sin, a's is furasta dhó 'chuid aráin a bhealthú go maith" = "Feilméar láidir, nó fear airgid é, a's is beag a aireochas sé é 'fhéin a bheathú thar cionn.

"Ní bhealthócha sin do chuid aráin duit" = ní bhainfe tú beatha as an obair sin. "Ní bhealthócha an bhóithreoireacht do chuid aráin duit." "Má bhealthuigheann a' cheird sin do chuid aráin duit, tuige nach gcaithfeá léithe" = má bhaineann tú slighe-bheatha aisti, tuige nach gcuirfeá isteach do chuid ama léithe."

"Déanfa mé obair a' bith a bhealthóchas muid chuid aráin dom."

"'Siad an dream a bhealthuigh mo chuid aráin domsa, an dream a dtiubhra mé mo bhóta dóib." "Gheobha an fear is fearr a bhealthóchas mo chuid aráin an bhóta atá aghamsa."

"'S ar an bhfear a bhealthuigh mo chuid aráin dom, is fhearr an aghaidh mo bhóta."

"Tá biadh bealthuighthe aige sin" = tá éadáil a's airgead aige.

"Sin é an buachaillín a bhfuil an biadh bog, bealthuighthe aige."

"Bealthuigh do chuid aráin le allus do mailghí fhéin" = saothruigh do bheatha fhéin; déan do chuid oibre fhéin; ná bí 'teacht suas ar aon-duine eile.

"Bealthuigheadh 'chuile dhuine a chuid aráin in allus a mhailghí féin."

"Ó rinne Ádhamh a's Éabh peacadh an ubhaill, tá ar chuile duine a chuid aráin a bhealthú, in allus a mhailghí fhéin."

"Bheadh sé glisteanach (= dlisteanach) go leor ag chuile duine a chuid aráin a bhealthú in allus a mhailghí fhéin, ach tá cuid maith daoine a's ní chuireann siad allus a' bith. Is fhearr leo a gcuid aráin a bhealthú in allus daoine eile."

"Fágadh de bheith ar an gcine daoine go gcaithfidís a gcuid aráin a bhealthú in allus a mailghí, ingeall gur ith Ádhamh a's Éabha ubhall na h-aithne i bPárrthas."

"Tá'n Béarla bealthuighthe isteach go maith i Muinntir na h-Éireann, agus is doiligh leo(b) scartha leis" = tá sé ionnta(b) go smior a's go smúsach.

"Tá sé fánach agad a bheith a' trácht ar Ghaedhilge le muinntir na h-áite seo: a dhearbhrathair mo chroidhe thú, tá'n Béarla chomh bealthuighthe isteach ionnta(b) anois, a's nach bhfuil indán dóib scaradh leis, go mbaintear na teangachaí amach asta(b)."

"Tá béasaí a's bealaighe Sheáin Bhuidhe chomh bealthuighthe isteach i muinntir Chúige Uladh sin, a's nach dtiubhradh an saoghal Ádhaimhe ar slighe na Críostuidheachta iad."

"Is beag an toradh a thiubhraidís sin ar a' bPápa fhéin, a's tagadh sé a' cainnt leo, arae tá'n bhradghail a's an leiciméaracht chomh bealtuighthe isteach ionnta(b) anois, a's nach scarfa sí leo(b) go n-imthighe an ball dubh de'n fheadóig."

"'Ní féidir duine a's a cháilidheacht a scaradh ó chéile' adeir siad. Sin é 'fhearacht aige sin é. Tá'n bréagadóireacht chomh bealthuighthe isteach ann anois, a's go síleann sé fhéin gurb í an fhírinne í."

Béalbhach = ainm-fhocal, baininscneach. uimhir iolraidh — béalbhachaí.
(i) sórt sruimh nó gobán iarainn a bhíos ar adhastar capaill nó
beithidhigh, le na cinnireacht a's le na ceannsú.
(ii) giomannach scáinte feasóige a bheadh in a riasc ar éadan duine
ó 'chaon chúinne dhá bhéal go dtí na chluasa.
Béalmhachaí (iii) cluasa, cómhgar, béal áite, nó ingort a' bhaile ag áit.
béalmhachaí? [macha = bán tighe].

"Bhí sé ingreim béalbhaighe sa gcapall." "Cuir béalbhach léithe."
"Ceannsócha an béalbhach seo anois é (asal), feicfe sé fhéin air."
"Tá béalbhach ar Ph. Ph." "Tá béalbhach fhéasóige air."
"Breagh nach mbearrann sé an béalbhach siúd, nó 'síleann sé gur
mór a' slacht air í?" "Leigfe mé suas béalbhach fheasóige."
"Tá na géill bearrtha aige, ach tá béalbhach ó bhéal go
cluais air." "Is iomdha duine a mbíodh béalbhach fadó air, ach
bíonn mórán 'chuile dhuine glan-bhearrtha anois."
"Beirt bhádóirí a bhí ann — duine acab faoi fheasóig
uileag, a's béalbhach ar a' gceann eile. Ach cé'n uair a
chonnaic tú bádóir glan-bhearrtha?" "Teigheann feasóg go
deas do shean-daoine, ach ní theigheann béalbhach mar atá
air sin, go deas d'aonduine."
"Tiocfa mé soir i mbéalmhachaí an S. scathamh" = i gcluasa,
i gcomhgar etc." Ní áit a' bith do dhuine a bheith síos i
mbéalmhachaí na Gaillimhe sin." "Sílim gur chaith ceannuidhe
an oidhche aréir imbéalmhachaí an tighe seo. Fuair mé leaba
dhearg 'san iothlainn ar maidin, a's níor tháinic iabh ar a' mada,
ach a' tafann ar feadh na h-oidhche." "Ná teagadh sé aníos
in mo bhéalmhachaí-sa, má tá an t-ádh air." "Imthighthe soir,
annsin soir, imbéalmhachaí Bh. an D. atá siad, mar deir
M." "Ní imbéalmhachaí cladaigh ab fhearr liom a bheith, dá
mbeadh neart agam air." "Ní siar i mbéalmhachaí boirinn
a thiubhrainn m'aghaidh, marach go mb'éigin dom é."

Béalóg = ainm-fhocal, bainiscneach

Béalóg = (i) bearna bheag, oscailt, séanus scáinne nó mannt. Tugtar go h-áithrid ar an oscailt é 'bhíos idir dhá fhód coise nó dhá fhód dhearga idteine.

(ii) srumh nó sórt gobán a cuirtear ar mhadadh, oilbhéasach (T. B.)

(iii) fear buaic, nó an té a bhíos ar béala (= an marcach) ar chapall má bhíonn duine ar culóig.

(iv) barr teanachair.

"Cuir síos toit bháirne dhá róstadh sa mbéalóig." "Deasuigh anuas ar aghaidh na béalóige (sa teine)." "Cuir isteach sa mbéalóig é, a's is gearr a bheidheas sé a' fiuchadh." "Bhí bruithneog dhá róstadh sa mbéalóig aige." "Is beag a' dochar di loirgní breaca fhéin a bheith aice, a's gur thíos sa mbéalóig atá siad sactha aice ó mhaidin go faoithin." "Shílfeá go bhfuil dé bheag sa mbéalóig seo." (teine a bhí a' brath ar deargadh). "Níl sí ach a' cnádadh léithe. Dheamhan a dhath lasair a' teacht uirre, ach a bhfuil sa mbéalóig seo" = teine a bheadh a' dóghadh léithe go roighin, ar bheagán teasa ná lasrach.

"Thuit sí isteach sa mbéalóig." "Tá bealóg de bhearna ann, a's féadfa tú an buicéad a shíneadh isteach thairti, (ch)uig a' laog" = maol-bhearna

"Nuair a shíl mé a dhul isteach an bhéalóg sa ngarrdha, ná raibh ann, marar thuit a' claidhe in aon-bhrúisc amháin go talamh. Bhí an t-ádh orm nar thuit ceann de na gruadháin (chloch) siúd ar mo chosa." "Teigidh isteach an bhéalóig atá i lúibinn an chlaidhe ó thuaidh." "Má tá béalóg a' bith de bhearna ann, ní bheidh aon-stró(bh) orm." "Tá béalóg soir sa gcarracán, a's is ann a d'éaluigh mé uaidh" = scáinne idir na carraigreachaí nó na clocha móra. "Sa mbéalóigín atá sa gcrích dhriseachaí a chuaidh mé i bhfolach air."

"Tá béalóigín — cuisle bheag uisce aníos ann — a's is ait an dóigh iascaigh í, ar thaoille tuile." = scáinne uisce nó sáile ar chladach; rithfeadh a' t-uisce ann, ar a' tuile, níos túisce ná 'sna giodáin faoi gcuairt.

"Níl bainte ach béalóigín bheag bhídeach de'n chúl thiar aige" = garrdha féir nó arbhair: ascaillín bheag a bheith bainte ann.

"Tá béalóg bheag idir a cláir-fhiacla" = scáinne nó séanus

beag. "Tá drad dlúth aice marach a' bhéalóg sin." "Go deimhin is mór a' mío-shlacht ar do mhacsamhail de chailín óg, béalóg mar sin a bheith in do dhrad!" "Tá béalóigín idir dhá fhiacail léithe — mar bheadh fiacla scagacha aice." "Mara bhfuil de marach agad uirre, ach a' bhéalóig sin atá in a drad uachtair, is deacair do dhíol de bhean a dhéanamh amach duit!" (as fonóid adubhradh). "Chuirfeá cois scine isteach sa mbéalóig atá in a drad." "Bhí béalóg tuithte as a' gcruaich (mhóna)." "Thuit bealóig dhi, a's mé a' líonadh an chléibh."

(ii) "Tá béalóg ar a' madadh, a's ní mór dhó sin, arae tá'n d-l go deo ar a chuid oilbhéis." "Ceannsócha an bhéalóg seo é, anois, feicfe tú fhéin air."

(iii) Tugtar in áiteachaí i gConamara ó thuaidh béalóg ar a' té a bhíos ar buaic nó ar béala ar chapall, má bhíonn duine eile ar cúlóig. "Cé acu de'n bheirt a bhí ar béalóg." "'Sé Seán ar ndó' a bhí ar béalóg. D'eile! (D)ar ndó' ní indon í a chinnireacht atá an scraiste eile." "Gabh thusa ar cúlóig, a's racha mise ar béalóig." "Thug sé leis an putach ar béalóg." "Má's cúlóg nó béalóg dhom, tá mé indon fanacht uirre (i.e ar a' gcapall) ní hé t'fhearacht féin é." "B'fhearr liom péin go mór fada ar cúlóig ná ar bealóig, ach ní fheicfeá cúlóg a' bith anois." "D'athruigheamar leath-bealaigh abhaile: fuaidh mise ar cúlóig, a's eisean in m'áit-sa ar béalóg." "Dheamhan feannc a baineadh as Pádraig a bhí ar cúlóig, ach cuireadh an té a bhí ar bealóg, glan-eascartha anuas as ascar na diallaide. Níl aon-rath in a mharcach leis."

(iv) Béalóg a tugtar in áiteachaí ar bharr teannachair nó pinsiúir. "Tá béalóg a' teannachair briste." "Rug sé imbéalóig a' teannachair air." "Bá mhór a' rath ar a' teannachair seo béalóg a chuir innte."

Beann: binn: bínn: baininscneach: iolraidh, beanna. [cloistear an aibh ar Achréidh na Gaillimhe corr-uair sa tuiseal tabharthach iolraidh de'n fhocal seo a's focla mar é a chríochnuigheas in ean, eann, ear, etc. "ar na beannaibh, ar na fearaibh]

Bínn (binn): (1) balla i gceann tighe. (2) cnoc. (3) sciathán iarainn a bhíos ar shleaghan.
Beann, Bínn = (iii) tuilleamaidhe, meas, faoi chumaoin; adharc, nó ceann.
Binn, Binn = (iv) corr, éadan, cúinne; féarach nó ceart féaraigh.

Binn: ar bhalla i gceann tighe. Ní cloistear an tuiseal ainmneach beann di seo anois inGaillimh. Binn, nó bínn i gcomhnuidhe é. Sin é fhearacht freisin ag binn = cnoc é. Ach "beanna", an tuiseal ainmneacha iolraidh.

"Thuit bínn a' tighe." "Tá bínn a' tighe tugtha uaithe." "Thuit brúisc de'n bhinn thoir aréir." "Níl beanna 'bith ar a' teach sin, ach gabhail éadain" (féach gabhail éadain). "Bíonn an chloch spideoige (nó'n chloch phréacháin in áiteacha) ar bharr na binne." "'Ar bharr na binne bhíos críoch'" (sean-fhocal).
"Tá sciatháin na binne, cam." "Tá sí curtha go bínn aige" (tuighe).
"Is gearr go mbí sí réidh anois: tá sé 'cur stráca na binne."
(tuigheadóir). "'Má thóigeann tú an chloch sciatháin atá ar éadan thiar na binne ó thuaidh, a's i 'chuir ar éadan thoir na binne ó dheas, a's an chloch atá ar éadan thoir na binne ó dheas, a chuir ar éadan thiar na binne ó thuaidh, ní bheidh an díleághadh ar do chuid beithidheach níos mó'" (Comhairle a thugadh "fear luibheannaí" do dhaoine a cheaduigheadh é, nuair a bhíodh díleághadh nó imtheacht ar a gcuid beithidheach nó bó nó gamhain leo ar a chailleadh. Is minic a cuireadh an chomhairle seo i gcrích roimhe seo).
"Tá braon anuas leis a' mbinn thiar." "Tá'n cruach mhóna go frogh na binne." "Tá gleann leis a' mbínn" = lag sa teach leis a' mbínn.
"D'fhága sé gleann leis a' mbínn ó dheas, a's é 'tuigheadóireacht."
"Is gearr a chaitheadar, le na beanna chor a' bith" = a' deanamh na mbeann.
"Is saor maith é, go bínn" = tá sé ceart go leor a' deanamh ach an chuid eile de'n teach, ach má dhéanann sé an bhínn go maith, abair annsin, gur deagh-shaor é.

"Tá'n bhinn ó dheas, réidh aige anois go cloch spideoige."
"Teach maoil-bheannach (i.e. teach gabhail éadain) atá aige. Níl binn a' bith air." "Bhris gabhail éadain na binne thoir, a's tháinic a' teach isteach in aon-bhrúisc amháin." "Is fada a chaith sé a' teanntú na binne, a's fhobair gur thuit sí in a dheidh sin" = a' cur tacaí fúithe.
"Dhá gcuirtheá cupla cúrsa eile d'árdú ar na beanna, d'fhéadfa ceann slinne 'chuir air." "Is maith árd ó thalamh í círín (stuaic) na binne." "Tá'n cior tugtha uaidh uaithe leis a' mbínn a thuaidh."

Bínn = sliabh, nó cnoc, go h-áithrid ceann biorach nó círíneach.
Is minic é in ainm áiteachaí: Beanna Beola, Bínn Ghuaire, Bínn Bhuidhe, Cluain na Binne etc.
"Tá 'chaon bhinn sléibhe dhá bhfaca muid ann chomh h-árd leis an aer."
"Tá sé in a chomhnuidhe thuas ar bhínn sléibhe." "Dhá mbeitheá ar ar an mbinn sléibhe sin thall, ba h-aerach an áit a bheitheá."
"Is ruithte an bhínn í sin" (cnoc). = fuagruigheann sí gála.
"Tá sé chomh láidir le binn sléibhe" = an-láidir.
"Bhí sé 'chuile ordlach chomh h-éasca dhuit binn sléibhe a chorruighe le é siúd a chorruighe, nuair a chuireas sé cosa i dtaca air fhéin." "Is geall le binn shléibhe é, ní bhainfeá filleadh ná feacadh as dá mbeadh gró agad in' éadan."
"'Siubhail mise cnuic agus sléibhte a's beanna 'bhí géar as a mbarr
A's a lán bealaighe eile nach bhféadaim, a's tá mo chroidhe-sa, lag
brúighte in a lár" (sliocht as "Néili a Chailín Deas")
"Shílfeá anois go bhfuil an bhínn sin géar as a barr, ach dá mbeitheá thuas uirre, tá sí in a leathnóig."
"Tá'n sneachta a' cothú ar barr na binne le mí anois."
"Bíonn slám ceo comhnuighthe ar mhullach na binne sin i gcomhnuidhe."
"Is maith a bhíodar ar a maidí má d'eirigh leo(b) an bhínn sin a árdú."
[a dhul go dtí na círín]. "Tá binn de chnoc ann, a's tá barr a' scríobadh leis an aer."

"Bhris mé binn a' tsleaghain le cloich a bhí sa mbínnse"
"Tá bínn a' tsleaghain briste amach ó'n dúid"

"Níl aon-bheann (bhínn) agam ort" = níl mé in do thuilleamuidhe; níor chuir tú aon-chumaoin orm; níl orm aon-chumaoin a chúitiú leat; níl mé faoi bhois a chuit agad; tá mé indon agad; tá mé in m'fhear chomh maith leat.

"Is beag a' bheann atá aige ar do dhícheall." = má dhéanann tú do dhicheall amach a's amach fhéin, gheobha sé an ceann is fhearr ort.

"Cuireadh sé scéala isteach ormsa, má's breagh leis. Is beag a' bheann atá agamsa ar a dhicheall." "Níl beann a' diabhail agamsa ort fhéin ná ar aon-duine dhá mbaineann leat. Is gearr le dhul sib, san áit a mbeadh fir." "B'fhéidir go mbeadh beann agad air siúd, má theigheann tú sa gceann sin leis" = "B'fhéidir go leagfadh sé siúd ort (go mbuailfeadh sé thú, nó go dtiocfadh sé anuas ort in do phosta, nó in do cheann-oibre etc) má spreagann nó má shaghdann tú é."

"Cuirfe mise faoi ndeara dhó, go mbeidh beann aige orm aríst." = tiubharfa mise len innseacht dó, go mbeidh faitchíos aige romham aríst. "Sin é an fear nach raibh aon-bheann aige ar aonduine má b'fhíor!" "Tá bráigill air sin, a's a' té a bhfuil níl beann aige ar aonduine." "Déanadh sé a dhicheall: is beag é mo bheann-sa air, th'éis a dhichill." "Bíonn beann ag a' duine bocht ar 'chuile dhuine" = bíonn sé faoi chumaoin ag chuile duine.

"Níl bínn aige siúd ar a' Rí má's fíor dhó fhéin" = tá sé neamh-spleadhach neamh-uireasbhach ar chuile dhuine.

"An té 'mbíonn díol a fhreastal aige, bíonn sé ar bheagán bínn ar aon-dhuine." "Cé'n bhínn atá agamsa ar Sh. Mh. má theigheann sé go dtí sin!" "Tá beann agam ort go deimhin!" adéarfadh duine le duine eile a bheadh a' bagairt achrainn, dlighe, nó díoghaltais air." "Dhá mbeadh fhios agad a bhfuil de bheann aghamsa ort!" adéarfaidhe freisin.

"Is dona a frítheadh (nó a fágadh) mé má tá beann agham ortsa." adéarfadh duine le cur igcéill go raibh sé neamh-spleadhach ar dhuine eile. "Tá níos lugha beann agam ort ná shílea(nn)s tú."

"Níl duine ar bith ann, nach bhfuil beann aige ar dhuine eicínt."

"Tá mé chomh beag a' bheann air, a's tá mé ar a' bpáiste atá a' siubhal an urláir annsin." = "tá mé beag-an-bheann air."

"Níl aon-chall dó aon-bheann a bheith aige ar aon-duine, arae tá'n saoghal a' féithiú leis."

"Is mór adéarfá leis gan aon-bheann a bheith aige ar Mh. Mh. ach deir sé nach bhfuil aon-bheann aige ar Ch. B. ach an oiread."

"Tá beann ag 'chuile dhuine air siúd. Ní mór dhóibh sin, nó mharbhóchadh sé iad." "Is ait a' fear é, a's laghad a' bheann a's atá aige ar 'chuile dhuine." "Is mór a' bheann a bhí ag daoine tamall air, a's feacha anois é."

Beann = meas; oibliogáid cumaoin a chúitiú; taithneamh.

"Dhá mbeadh beann aige ar dhuine, thiubhradh sé ól dó" = dhá mbeadh meas aige ar dhuine, thiubhradh sé ól dó.

"An té 'bhfuil aon-bheann aige air, chuirfead sé 'chuile chumaoin air."

"Dhá mbeadh beann aige ort — ach is corr-dhuine 'bhfuil beann aige air — níl aon fhear sa tír is fiuntaighe ná é."

"Má tá beann aige uirre, tá léithe. Déanfa sé rud a' bith atá 'na chumhachta di."

"Tá sé neam-mothui(gh)theach, anglánta leis a' té nach bhfuil beann aige air, ach a’ té a bhfuil, ní dhúinfe sé a shúile air."

"Dhá mbeadh beann ag S. L. ort, d’fhéadfá do rogha teanntáis a dhéanamh air, ach mara bhfuil, ní bheannóchad sé sa mbóthar dhuit, tada leis."

"B'fhearr dhuit a' t-aidhbheirseoir a tharraingt ort ná é, má tá indán’s nach bhfuil beann aige ort, ach má tá, d’fhéadfá do rogha rud a rádh leis, a's ní chuirfeadh sé éiliughadh ná araoid ort."

"Is beag duine 'bhfuil beann ag a' sagart sin air, ach a' té a bhfuil, tá sé go maith dhó."

Beann = adharc nó ceann.

"'Fathach na gCúig Cheann, na gCúig mBeann a's na gCúig Muineál."

(bíonn sé sé i gceist go minic i sean-scéalta).

"Bhain sé na chúig cheann, na chúig bheann, a's na chúig mhuineál di'" (as sean-scéalta).

"Píce dhá bheann", "píce chúig bheann". = píce dhá ladhar, píce chúig ladhar."

"Tá ceann de bheanna an phíce briste." "Tá beann de'n phíce camta."

"Fiadh na mbeann" = an fiadh beannach = fiadh adharcach.

"Púca na mbeann" = an púca adharcach; an diabhal.

"Árdócha púca na mbeann leis thú." "Tiocfa púca na mbeann, a's crochfa sé leis thú." "'Chuadhadar a' fiadhach a's a' fionscaradh, a's ba ghearr gur eirigh fiadh na mbeann rompa(b)." (as sean-scéal. Tá'n chiall seo de'n fhocal ionann's seirgthe anois.)

Binn = corr, éadan, cúinne, giodáinín.

"Fág bínn de'n phluid agam." "Ní leigfeadh sé binn de'n phluid liom.

Is beag nar préachadh mé i gcaith(eamh) na h-oidhche."

"Bháithfidhe mé marach gur thug sí binn de'n tseál dom."

"Tá'n tSeamair Mhuire agad, má thugann sí siúd binn de'n tseál duit."

(bean a mbeadh sé doiligh a dhul a' suirghe léi.)

"'Níor fhága sí agam ach binn de'n tsúsa, a's d'fhága sí brúighte mé le mo shaoghal'" [as an "gCaisideach Bán"].

"Is beag a' baol a bheadh air, binn de'n 'tseat' a thabhairt duit ar a' mbus. Ach chreidim, nar mhór dhó fhéin a raibh aige, a's an bléitheach a bhí len ais." "Crap suas binn do ghúna, nó beidh sé míllte ag a' draoib." "Bain amach bínn de'n stoilín dhe-sin thall."

"Ta(bhai)r dhom binn de'n stól." "Deasuigh isteach, a's leig binn de'n chathaoir agham" (= chugam). "Ba bheag an bhinn a bhí agamsa de'n leaba sa'n áit a raibh triúr."

Beanna = ainm-fhocal (ní baintear aon-leas as, ach 'san uimhir iolraidh, 'sa gcéill seo. féach beann, binn).

= eang, aobha; imtheacht slán; imtheacht gan bhascadh gan bhearna.

"Thug sé a bheanna leis" = d'eirigh leis imtheacht gan bhascadh gan bhearna as a' tromfhásc = thug sé an eang, nó na h-aobha leis = d'imthigh sé gan aon-bhearnú. [Déarfaidhe é le duine a thiocfadh slán as tromfhásc nó droch-chontabhairt, nó as áit a mbeithí dhá chur idteannta, nó le cárta a thiubhradh an eang leis as droch-phasannaí imeartha; nó déarfaí é le duine a bheadh suas a's anuas le 'chuile dhuine, a's gan aon-duine indon aon-bhrabach a fhaghail air, ná é 'chur idteannta].

"Is ait a chrú(thuigh) sé a's a bheanna a thabhairt leis as chor a' bith." "Tá'n tSeamair Mhuire aige, lá's go dtug sé a bhearna leis ó'n dreám sin." "'Sé'n pas is measa é a raibh mé ariamh, ach thug mé mo bheanna liom as, in a dhiaidh sin" = droch áit nó droch-thromfhásc a gcasfaí duine. "Thug sé a bheanna leis, ar éigin. Marach go raibh sé imthighthe, nuair a tháinic Peaits isteach oll(mh)uighthe, gheobhadh sé faoi na for(bh)aí é, a's dhá bhfaghadh fhéin, ní bheinnse in a dhiaidh air." "Ní cás dhaoib é, ó thug sib a mbeanna (a = bhur) líb chor a' bith ó na h-amhuis údaidh." "Shíl mé dheamhan mo bheanna a thiubhrainn liom go deo saor slán as. Bhí an teach in a bhruidhin chaorthann, a's 'chuile dhuine sa mullach orm péin, nach ndearna tada." "Dheamhan mo bheanna a thiubhrainn liom go bráth ó mhadraí ann, marach gur eirigh liom a' maide a bheith agham." Deirimse leat nar cheil mise lúd mo láimhe orra(b)." "Is mór a' saothruidhe é, a's é 'tabhairt a bheanna leis chor a' bith, istigh i lár na n-amhlóirí (obhlóirí) siúd." "Tá mámh níos fhearr ná'n cíonán agad, má thugann tú do bheanna leat a' babhta seo. Is fada mise 'do dhiaidh, ach tá tú agham sa deire ar chlár na h-imeartha."

= duine a' bagairt díoghaltais ar dhuine eile, a raibh sé ag iarraidh deis' a fhaghail air, le fada roimhe sin.

"Gabhfa sé go poll a' chladhaire leis, a bheanna a thabhairt leis, an babhta seo fharra's ariamh. Má fhaghann a' breitheamh greím air sa gcúirt, cuirfe sé a' spíonadh 'oakum' é go ceann tamaill" = cinnfe sé ar a dhicheall a theacht saor, má tugtar as comhair an bhreitheamh é. Cuirfe an breitheamh príosúntacht air. "Níl fhios agham beo cé'n chaoi ar thug mé mo bheanna liom aréir ó na póilíos. Rugthas ar chuile dhuine cé's moite dhom fhéin, faoi sholus." "Níl aon-stiléara indon a bheanna a thabhairt leis anois. Tá'n dlighe ro-ghéar, a's an iomarca spiadóirí amuigh." "Ba h-aigeanta an buachaill é S. Ph. annseo thoir, a's breagh gur chínn air, in a dheidh sin, a bheanna a thabhairt leis uatha(b)." "Thug sé a bheanna leis ar éigin. Ní raibh le spáráilt aige ach chúig bhót (vote)": [Cúrsaí togha: cuireadh an duine isteach a's gan aige ach chúig bhót le cois]. "A cheann-fine ní thiubhradh a bheanna leis anois, a's a bhfuil a' faire air." "Tá na fir in a dhiaidh, ach ó dhonacht iad is measa dhó na mná. Má thugann sé a bheanna ó na mná, is fear é a bhfuil buadhannuigheacht aige." "Tiubhra sé sin a bheanna leis, feicfe tú fhéin air. Tá sé síos a's suas le 'chuile dhuine." "'Sé atá indon a bheanna a thabhairt leis. 'Liomsa a's leatsa, a's liomsa aríst': sin é an chaoi a bhfuil sé sin" = duine liom leat é, a's tá sé indon an saoghal a bharruidheacht a's a bhealach a dheanamh le 'chuile dhuine. "Má (gh)níonn spleádhchas dhó é, tiubhra sé a bheanna leis, feicfe tú fhéin air." "Shíl mé nach dtiubhradh mo rí a bheanna leis choidhchin, a's a raibh de mhadraí móra a' faire air" = rug an rí an chúig, th'éis go raibh mámhaisí eile timcheall a' chláir. "Dheamhan cuímne 'bith 'bhí agam, go dtiubhradh mo sheaichtín a bheanna leis. Nach feidheartha atá an bord!" = ó thárla nar buaileadh a seacht caithfe sé nach raibh aon-mhámhaisí mórán istigh. "Bhí an t-ádh ar mo h-aon a's a beanna a thabhairt léithe." "Is maith a chruthuigh an rí a's deich a dheanamh. Cárta maith a dhéanfas deich, a's a thiubhras a bheanna leis." [Bíonn cúig ionntuighthe ar Rí a's h-aon in áiteacha i mbun a cúig déag nó cúig fichead].

Beart: ainm-fhocal, firinscneach: uimhir iolraidh — beirt, bearta.

Tuiseal. gein. aon. beirt (birt).

Beart: (i) cual punann nó dornán, raithnighe, slat etc. cual nó eire a iomchruightear i rópa ar a' druim. (ii) bealach nó cúrsa a dheanamh; a bheith indon crinneadh leis a' saol; an eang nó do bheanna a thabhairt leat; a bheith réasúnta nó maith go leor; a bheith indon ag do ghnaithí.

(iii) "plan"; deis; dóigh; leagan-amach; cleas; cúrsa imeartais.

Aidiacht as (iii): Beartach [féach "doibeart"].

"'Tomsuigheann brobh beart, a's líontar sac le póiríní'" = "i leaba a chéile a déantar na caisleáin'" = cnuasuightear saidhbhreas, maoin a's bráigill, nó déantar obair, nó cuirtear cúrsa ar bith 'un críche, beagán ar bheagán = mara mbí 'tíoghbhus na pighne' ann, ní bhéarfaidhear choidhchin ar a' scilling = ná fág tada ag a' deachmadh nó dul amudha. "Is fiú greim a choinneál ar a' bpighinn fhéin, arae is beag a' rud a' dhéana(nn)s leas. Ar chuala tú ariamh é: 'Tomsuigheann brobh beart a's líontar sac le póiríní'." "Dhéanfadh duine a shaidhbhreas le leith-phighinneachaí fhéin, dhá mbeadh a ndíol aca(b) aige. Mar adeireadh M. Ph. 'tomsuigheann brobh beart a's líontar sac le póiríní'." "Cailleadh bean bhocht inGaillimh an lá faoi dheire, a's d'fhága sí ionann's míle punt 'na diaidh. Meastú cé'n chaoi ar chruinnigh sí é, ach ag iarratas ar dhaoine, 'léar (= de réir) mar gheobhadh sí leithphighinn a's pighinn uatha(b). Shílfeá gur fada go ndéanfadh leithphighinneachaí a's pighneachaí míle punt ach 'tomsuigheann brobh beart' in a dheidh sin."

[In áiteachaí comhairtear trí dhornán i bpunainn, a's punann a's fiche imbeart. Mar seo a chomhairtear in áiteachaí eile é (doire an fhéidh cuirimigcás): trí ghlaic nó thrí shracadh dornán, dhá fhichead dornán stáca, dhá stáca beart, a's deich mbeart fhichead cruach.

Mar seo a chomhairtear stuca nó beart igCois Fhairrge: trí ghlaic, dornán, fiche dornán cois, a's cheithre dhornán caipín

stuca. Sin cheithre dhornán fhichead sa mbeart.
"'B'ait liom fear ar fóghnamh lá an fhoghmhair nó lá an earraigh
a chuirfeadh a's a bhainfeadh an eorna a's a chomhairfeadh í 'na
bearta'."]
"Tá beart luachra, féir, scolb, raithnighe, barrann etc. aige."
"'A chailín bhig na luachra, suidh síos liom, a's fan go lá,
nó scaipfidhear do bheairtín luachra, a's a bhfuair tú dhá easonóir'"
"Bhí scoth-bheart maith aige." "Beart leidhbeach é sin." "Sin é
beart ghiolla na leisce a thug tú leat" = "thug sé beart mór leis,
leisce a bheith a' déanamh an darna h-aistir dhi." "A' mbaileocha
tú de'n bheart seo é?" = "A' dtárlócha tú leat ar fad sa
mbeart seo é?" "Bhí mo shean-eire sa mbeart sin." "Fagh gad dom
l'aghaidh an bheirt (= bhirt)." "Tá cion beirt (nó beart) eile ann,
nuair a bheidheas chuile thiomsacht i dtoll a chéile aghainn." = nuair
a bheidheas chuile scaipeadhach fhéir, bailighthe le chéile, déanfa sé
beart eile. "Caithfe tú a thoidheacht aistear eile. Tá beart
go maith idir a' rocáil, a's a munachar sin thíos." "Dheamhan
mórán nach ndéanfadh a' bréidín féir sin beart ann fhéin."
"'Bhfaca tú aon-duine ariamh a' tarraingt fheamuinn' tirm'
in a bearta go dtí sin? Ní fhaca mise ar chuma ar
bith." "Chuaidh sé igcoinne beart fraoigh." "Bhain sé beart
scolb sa ros-choill indiu." "'Caith aníos coirce go beo agham'
adeir P. Sh. Ph. N. leis a' mbean, a's é spréachta nach raibh sé
faghail rud le déanamh thuas ar a' gcruaich. 'Ní fhéadfa mé'
adeir sí 'go leaga mé an beart de mo ghualainn'." [Scéal
baramhail a innsighthear faoi fhear áithrid a raibh an-uathbhás
oibre air]. "Tiubhra na cupla beart sin congnamh
maith críochnú uirre (i.e. ar a' gcruaich)." "Tá sé in a bheart
Mh. Bh. agad fadó, a raibh a leath ag dul isteach 'san iothlainn
a's an leath eile a' teacht ag an mB. L." "Árduigh orm
a' beart seo." "Cuir láimh sa mbeart seo liom." "'Ceadh nach
bhfuil tú indon beart a choinneál ar asal fós? Ní thiubhrainn
bogán spideoige ort mara bhfuil!" "Chuirfeadh sé a rogha beart

ar asal, gan eirighe faoi. Ní shílim gur eirigh sé faoi aon-
bheart ariamh. Ach is olc a' faisean do duine é sin a thabhairt
faoi ndeara dhó fhéin. Is fánach a' chaoi a mbainfeá stangadh
asad fhéin a' tógáil beart idir do dhá láimh."
"Ní bhíodh dorsa (= doirse) 'bith ar na tighthe fadó. Beart slat
nó rud eicínt mar sin a chuirtí in áit na comhla."
"D'fheicfeá na bearta dhá gcur 'sna dorsa fós, faoi shliabh,
dhá mbeadh cróithín nó bráicín gamhna nó caorach ann."
"Sin é an chaoi a raibh sé dhá thógáil fhéin — a' teacht isteach 'sna
tighthe 'san oidhche, a's ag ól an uachtair ar na h-ancoird. Ach
b'fhurasta a theacht isteach 'sna tighthe an uair sin. Ní bheadh nídh
dhár dhealbh a' ghrian le do bhacadh, cé's moite de na bearta
a bhíodh 'sna dorsa (= doirse)". "Is fada a chaith bráicín
thuas annsin thuas ag M. Ph. Mh. Mh. a's gan de chomhla doiris (= doruis)
air, ach beart." "Cé mhéad a bhí na slata ag dul, an beart
indiu." "Bhí sé chomh maith dhuit a rádh liom beart gaini(mh)
a thabhairt ó'n gcladach agad leis sin" (ní fhéadfaí gaineamh
a chuir imbeart). "Bhí díoga rompa(b) a's chaith sé an díoga
glan-ascartha a's an beart air." "Chlis
sé faoi'n mbeart cíbe, ach cérbh iongnadh sin, arae b'áidhbh-
éil a' beart é." "Má leig sé scith, leig sé míle scith
faoi'n mbeart ó cheann a' bhóithrín aníos." "A' déanamh
sealuidheacht' ar a chéile ag iomchur an bheirt (= bhirt) a bhí
siad." "Tá'n beart ar lár" = tuitthe de chapall, d'asal, de
dhuine etc." "'A chailín scoth na luachra, is truagh ghéar liom
do bheart ar lár'". "Má leigeann tú an beart ar lár,
caithfe tú fhéin é 'chur suas aríst." "Níor fhága an beart sin
tada in a chomhnuidhe ann (i.e. é 'iomchur)." "Ní thiubhrad sé
le rádh, go gclisfeadh sé faoi'n mbeart féir, aindeoin
go raibh a sceadamán amuigh aige dhá iomchur." "Ba
diabhaltaidhe an séideán a bhí ann faoi'n mbeart. Tá ceart
aige 'anáil a bheith briste ar chuma ar bith, má bhí sé ar a'
gcaoi údaidh ar feadh an bhealaigh."

"Ní cás dhuit é ó tá tú indon do bheart a tharraingt.
= níl tú go dona chor ar bith ó atá tú indon do chion fhéin
a dheanamh, nó a bheith síos a's suas leis a' saoghal, nó do bhealach
a dhéanamh, nó riar do cháis a bheith agad, nó a bheith neamh-
thuilleamach le 'chuile dhuine. ("to pull your weight" ionann's).
"Is mór a chruthuigh tú a's do bheart a tharraingt chor a' bith, a's
a raibh in t'aghaidh." "Is cuma liomsa ach a bheith indon mo bheart
a tharraingt sa saoghal. A's duine 'bith nach bhfuil indon sin a
dhéanamh, ní fear chor a' bith é." "Mara bhfuil tú indon do bheart
a tharraingt, a's do cheart a bhaint amach annsiúd, beidh tú ar
deire, feicfe tú fhéin." "An té nach bhfuil in 'araidheacht a
bheart a tharraingt, níl aon-ghnaithe in aon-áit aige." "Cé'n
ghna(ithe) atá aghadsa i measc daoine mara bhfuil tú indon do
bheart a tharraingt? Imreochthar ort gan stró(bh) a' bith
má bhíonn tú ar a' tseafóid sin igcomhnuidhe." "Deirimse leat,
aindeoin nach raibh foghluim a' bith air, ná focal Béarla in a
phluic, gur b'shiúd é 'bhí indon a bheart a tharraingt i
Meriocá. Tá 'shliocht air anois; 'sé atá ina shuidhe go te
ann léar (= de réir) mar chuala mé." "Má fhágann tú
an baile go deo, beidh tú in ainriocht. Tá tú ro-
chuthal a's cínnfe ort do bheart a tharraingt chor a' bith."
"Tá sí siúd sládrúsach, triollúsach, a's indon a beart a
tharraingt go maith. Ní leigfe sí do'n chearc siubhal uirre
ar chaoi ar bith." "Tá sé ceart go leor fós,
thálta (= thárla) nach bhfuil aon-chúram air. Ach amach annseo, nuair a
bhuailfeas sé faoi'n saoghal, mara mbí sé indon a bheart
a tharraingt, beidh sé ar deire." "Dheamhan blas scrubaill
in aon-duine sa saoghal seo, a's an té nach bhfuil in
don a bheart a tharraingt, buailfear cois air." "Nach
cuma dhó foghluim aige ná uaidh, ó tá sé indon a
bheart a tharraingt. A's dar príosta, sé atá." "Ó tá tú
indon do bheart a tharraingt go maith, bail ó Dhia ort,
a's chonách sin ort. Tuilleadh bisighe amáireach ort!"

"Iomchuir do bheart fhéin" = déan do ghnaithe fhéin; cuir dhíot, nó freastail do do chúram fhéin; ná bí fás suas ar aon-duine eile; déan do bhealach:

"Is maith an rud do chuile dhuine a bheart fhéin a iomchur" = "is maith an rud do chuile chapall a carr fhéin a tharraingt" = "is maith an rud do chuile duine freastal do ghnaithe féin."

"Mara n-iomchruighe tú do bheart fhéin, seo é an saoghal nach n-iomchrócha aon-duine eile dhuit é." "Mara mbí tú indon do bheart fhéin a iomchur, beidh tú ar deire." "Duine a' bith nach bhfuil iomchur a bheart fhéin ann, ar a' saoghal seo, sa ngearradh-dhíob a bheidheas sé." "Siúd í an tír (i.e Meriocá) a gcaithfe 'chuile dhuine a bheart fhéin a iomchur. Mara mbí rud agad annsiúd, beidh tú dhá uireasbha."

"Tá a cheart le déanamh ag chuile duine anois, a bheart fhéin a iomchur, a's gan a dhul a' cuidiú le duine 'bith eile." "Chonnaic mise an saoghal a raibh soighleas 'sna daoine, a's nar mhiste le comharsa, lá nó dhá lá a thabhairt isteach do dhuine aonraic, nuair a bheadh an chruadhóg ann. Ach a' té nach bhfuil indon a bheart fhéin a iomchur anois, beidh sé ar deire." "Chaith sí an lá a' dilleoireacht liom, a's ag iarraidh orm scathamh de lá a thabhairt di leis a' bhféar. Ach 'séard dubhairt mise léithe, nach dtiubhradh aon-duine aon-chongnamh dhom fhéin, dhá mbeidhinn in a chall. Tarraingeadh chuile dhuine a bheart fhéin ar a' saoghal seo."

"Dean do bheart, a's ná bac liomsa" = dean do bhealach, do chúrsa, do cheann-oibre etc. "Má tá tú indon do bheart a dhéanamh, sin é do dhóthain." "B'fhearr duit do bheart a dhéanamh, a's gan bacadh le caidéis a chuir ar aon-duine eile." "Déan do bheart fhéin, a's ná cuir araoid a' bith ar a' duine bocht sin. Ní beag dhó sin, mar 'tá sé cheana."

"Beart gan leigheas is foighid is fhearr air" (sean-fhocal)

"'Deirtear culaith éadaigh a's feisteas éadaigh, a's beart a bhíodh ar rud a' bith a chaithfeadh duine" [Béal Beo l. 168]. [níl beart sa gcainnt anois, ar éadaigh]

(ii) a's (iii)

"'Níl duine dhá chríonna nach dteigheann beart in' aghaidh'" = (sean-fhocal)
= dhá chríonna a's dhá fhad-bhreathnuighthe dhá mbí duine, imrightear
ar uair eicínt, nó ní fhéitheann a' saol leis i gcomhnuidhe, nó ní
eirigheann cúrsa eicínt leis.
"Shíl sé go ndearna sé a chríonnacht, ach nach maith nach ndearna
'na dheidh sin! Ar chuala tú ariamh é: 'níl duine dhá
chríonna (nó dhá chríonnacht) nach dteigheann beart in' aghaidh'"
"Is olc a' rud a bheith ro-chríonna amanntaí. 'Dheamhan duine
dhá chríonnacht, nach dteigheann beart in' aghaidh'." "Le teann
críonnachta má b'fhíor dhó fhéin, a d'fhan sé
sa mbaile, ach a' bhfeiceann tú fhéin, nach mbíonn duine dhá
chríonna, nach dteigheann beart in 'aghaidh." "Dhá mhéid
críonnacht' é, chuaidh an beart sin in 'aghaidh." "Tá sí chomh
críonna le na h-easógaí má's fíor dhi fhéin, a's is iomdha
beart a theighea(nn)s in a h-aghaidh ina dheidh sin."
"'Sé cóir Dé é, go ndeacha an beart sin in' aghaidh. Marach
sin d'eireochadh sé imullach a' bhaile ar fad." "Tá 'chuile
bheart ag (d)ul i m'aghaidh. Ach ní bhíonn aon-neart ar
thoil Dé." "Ní dheacha an beart sin leis, a's ní moide gur fearr
dhó fhéin beirthe é." "Tá 'chuile bheart ag (d)ul i m'aghaidh."
"Tá sé chomh h-imeartha, chomh h-ealadhanta, le na bhfaca tú ariamh,
a's, a's aindeoin sin a's uileag, is beag beart a' bith, nach
dteigheann in' aghaidh."

"Níl beart a' bith is fhearr dhuit ná a dhul abhaile díreach anois"
= níl cúrsa a' bith; níl 'plean' a' bith; níl caoi a' bith.
"Sé'n beart is fhearr dhuit é 'ghlacadh go réidh. Dheamhan maith
'bith dhuit a dhul 'un droch-(mh)úineadh leis. Má theigheann, ní
bhainfe tú ceart a' bith dhe." "Déarfainn fhéin, nach mbeadh
beart a' bith, ba chríonna do dhuine, ná gan bacadh le
ceachtar aca(b), ach an oiread le chéile. 'High for Blakes and
Dalys a's pléidhidís fhéin le chéile é' mar adeir a' tsean-
bhean fadó." [Duine de na Blácaigh, a's duine de chloinn

nDálaigh a bhí ag úmaidheacht (= iomaidheacht) i dtoghachán inGaillimh fadó. Ní raibh aon-ghnaoi ag a' tsean-bhean ar cheachtar acu].

"Ní bheadh beart a' bith ba chríonna dhuitse 'a Phat', ná 'bheith imthighthe as seo, shul a dtige M. Tá sé bruithte ar bhainne aige dhuit, agus is ait a chruthóchas tú, nó tiubhra sé faoi na fabhraí dhuit é." "Ní bheadh beart a' bith ab fhearr d'fhear bhocht a dheanamh ar a' saoghal atá ann, ná'n talamh a fhágáil annsin i dtigh an mhíádha, a's a dhul a' saothrú, in áit a' bith a bhfaighead sé saothrú." "Níl beart a' bith ab fhearr a dhéanfadh do leitheid-sa anois, idtús do shaoghail a's do mhaitheasa, ná gearr-chaile mná a fhágháil, a's pósadh as láimh. B'fhearr dhuit go mór é, ná 'bheith dhá chuir ar a' méir is fuide."

"Níl beart a' bith ba chríonna do dhuine, ná gan iad a thaobhachtáil beag ná mór." "Ní fhéadfadh sé beart ní ba tútaighe a dheanamh ná rinne sé. Nach faoi atá an tír a' cainnt?" = ní fhéadfadh sé cleas ní ba thútaighe a dhéanamh. "Ara ní bhfaighead sé in a chlaonta, beart chomh tútach sin a dhéanamh ar a leithide eile fhéin." = ní bhfaighead sé ann fhéin a leithide sin de chleas a dhéanamh ar a mhacasamhail fhéin [tabhair faoi deara, nach gcialluigheann "beart" ná "cleas" annseo, ná i leagain dá shórt, "imeartas" ná "gleacuidheacht", ach gníomh tútach, nó groidhe, nó leathtromach]. "Is díbhírceach a' beart a shíl sé a dhéanamh orm — mo ghiodáinín talmhana 'bhaint dhíom."

"Dheamhan cinneadh 'bith leis, má's sin é an beart a shíl sé imirt ort." "Óra nach beag a' scruball é, beart mar sin a dhéanamh ar a chomharsa béal-doruis!" "Níl beart dhá thútaighe, ná dhá dhonacht, nach ndéanfadh sé, dhá gceapadh sé go mbeadh balachtáil bheag a' bith a' sroicheadh dhó fhéin." "An deabhac, nach cliste an beart a shíl sé a dhéanamh ar L. bocht!" "Nar badh hé amháin dó le beart a dhéanamh!" = "ná raibh an rath air, marab é a rinne an beart tútach" (nó mío-stáideach).

"Is olc a' beart duit a leithide sin a dheanamh."

"Chuir sé beart in a shuidhe." = leag sé 'plean' amach; Cheap sé 'plean'. "Chuir sé beart in a shuidhe, leis a' gcliamhain a rubáil." "'Sé mo mheas, go bhfuil sé ag iarraidh beart eicínt eile a chuir in a shuidhe anois." "Mara dtaithnighe leis, is gearr ar siúd, beart a chuir in a shuidhe, le na cheart fhéin a fhaghail."
"Má tá tú ag iarraidh beart a chuir in a shuidhe, le S. ná aon-duine eile a bhualadh sa dlighe, teirigh go dtí an Sean-dall glic seo thoir. Is fhearr é ná 'turnae a' bith."
"Is beag a' stró(b) ar an ealadhantóir siúd, beart a chuir in a shuidhe, le imeartas fré chéile orra(b)." "Diabhal bréag nach é a chuir an beart in a shuidhe, dhá dtugtaí aon-chluais dhó."
"D'aithneochainn ar a' leiciméaracht atá air, ar an aimsir seo, go bhfuil sé a' cur beart eicínt eile in a shuidhe."
"Sin beart eile atá sé a chuir in a shuidhe anois, an cneamh-aire, le é fhéin a dhaingniughadh isteach tuille. Dheamhan 'athrú 'riamh! A' féidir a bheith suas le na chuid gleacuidheachta chor a' bith?". "Is baramhail a' beart a d'fhiach (= d'fhéach) sé a chuir 'na shuidhe, leis an uncail a dhíbirt as a' teach. Ní bhíodh iabh air chuil' oidhche, ach a' toirnéis, a's a' déanamh troimpléisc ar fud a' tighe, nuair a bíodh an t-uncail in a chodladh — mar dhóigh dhe, go raibh an teach sídheamhail! Ach (dh)ar ndo(igh), bhí fhios ag a' gceann eile go maith, céard a bhí dhá dhéanamh."
"Níl aon-lá ariamh, nach shin í 'gcuid aisiléaracht' sin — a' cuir beart in a shuidhe, a's ag imeartas ar chuile duine má's fíor dhóib fhéin. Ach feicthear dhomsa, gurab iad fhéin a bhío(nn)s siar leis i gcomhnuidhe." "Níl fear a bhárrtha le faghail. Chuirfeadh sé beart in a shuidhe a gheobhfadh an ceann is fhearr ar righ na méaracán." "Is maith beachtuighthe an mac é D. ach dheamhan goir a bhí aige in a dheidh sin, imirt ar Sh. Bh., aindeoin nach cheal a shaothruighthe é. Chaith sé an bhliadhain a' cur beart in a shuidhe, len' imirteas ar a's chinn air in a dheidh sin."

Beartach = aidiacht as beart.

= imeartha, glic, aigeanta ar bheart a chuir in a shuidhe; críonna.

"Tá sé an-bheartach." "Shíl mé nach raibh an scurach sin chomh beartach sin." "Dhá bheartaighe é, ní imreocha sé an cluiche claonach ormsa." "Sin é fhéin an Seán beartach." "Do chumhachta chinn, ní bheadh suas leis sin, tá sé chomh beartach sin." "Dhá bheartaighe an mháthair, is seacht mbeartaighe í an inghean." "Níor mhór dhuit a bheith chomh beartach leis a' saoghal, leis a' mbuadhacht-áil 'fhaghail air sin."

Béiceadán: Ainm-fhocal, firinscneach: uimhir iolraidh: béiceadáin.
= craosánach; duine mór-thráthach; duine a d'íosfadh nó a d'ólfadh thar
a cheart nó a sháith; duine a chuirfeadh ceas air fhéin, leis a' muinise
a d'íosfad sé; duine a dhéanfadh bolgán béice dhe fhéin le ithe
nó ól.

"Ná déan béiceadán dhíot fhéin le na fataí sin."
"Ní raibh tú ariamh fhéin nach shin é an chaoi a mbeitheá — in do
bhéiceadán le ól a' teacht abhaile dhuit." "Fhobair go ndéanfainn
béiceadán dhíom fhéin le'r ith mé aca(b): bhí mé nuaidhe aca(b)."
"Lu(igh) sé siar in a bhéiceadán — líonta suas len ar ith sé ar
a dhinnéar." "Má fhaghann na gamhna leigean ar a' triosc atá
thoir annsiúd, déanfa siad béiceadáin díob fhéin leis."
"Bhí sí ag ól an leanna go ndearna sí béiceadán di fhéin.
Annsin shín sí siar ó chluais go rioball a's cailleadh í. Badh é
an feall é, arae ba bhreagh, feiceálach a' bhó í, a's an-
bhó bhainne." "Ó bhí an ceathaile in a bhiadh nuaidhe
againn, leag muid air, go raibh muid in a mbéiceadáin
aige." "Tá sé in a bhéiceadán le na bhfuil de shaill
air." "Má tuiteann tú mórán eile i mbolg, beidh tú in do
bhéiceadán ceart, críochnuighthe" = ma ramhruigheann nó má
mhéaduigheann do bholg mórán eile, beidh tú in do bholgán
béice. "Rinne sé béiceadán de fhéin le poitín. Bhí sé
'teacht amach thrídh na shúile, ní áirmhighim a mhaltraid."
"Shílfeá go mbeadh náire ar bhean a' bith béiceadán a dhéanamh
dhi fhéin ar a' gcaoi sin, le ól. Bíonn caith(eamh) a's cáineadh
ar na fir, ach dheamhan leath-milleáin le tabhairt dóib,
a's na mná fhéin ar a' gceird sin." "Tá sé in am
ag do ghoile dúnadh feasta, maran leat béiceadán críochnuighthe
a dhéanamh dhíot fhéin le n-íosfa tú." "'Sé rinne an
craos mór. D'fhága an fheoil in a bhéiceadán é." "Chuala mé
go bhfuil tú in do bhéiceadán ag ithe mairtfheola ar an
aimsir seo." An t-am a raibh an mhairtfheoil
dhá leigean amach in aisce adubhradh seo.

Beidhil: [foghar — foghar Chonamara sa mbriathar beidh ar "bheidhil".

Ar bheidhil = ionann's; indáil; ingeall le; ar na puinntí; fhoisceacht mbeannuighe Dia dhá bheith …
"Tá sé ar bheidhil a bheith réidh" = tá sé ionann's réidh anois.
"Tá an garruidhe coirce ar bheidhil a bheith bainte aige anois. Tiubharfa an lá indiu congnamh maith air, má sheasann sé tirm."
"Tá an mhóin ar bheidhil a bheith cruachta aige. Is ait a' cruthuigh sé a's é leis fhéin, gan duine ná deoruidhe a' congnamh dhó i gcaith(eamh) na bliadhna."
"Tá muid ar bheidhil a bheith anois (an t-earrach a bheith curtha). Dhá bhfaghadh muid cupla lá eile, bheadh iarracht maith againn air."
"Tá'n lucht fheamuinne ar bheidhil a bheith ídighthe. Ní mórán leis a' gcúilín thiar a thiubharfas sí léithe. Is beag a' dreabhlás í feamuinn Chonamara sin in a dhiaidh sin" (lucht feamuinne a ceannuigheadh as Conamara, a's bhí sí ionann's ídighthe).
"Tá na sean-fhataí ar bheidhil a bheith caithte againn, faoi dheire. Ach shíl mé, nach mbainfeadh muid leath chomh fada asta(b)."
"Tá sé ar bheidhil a bheith in a dhochtúr anois, ach níl a chuid dinndiúirí amach a's amach fós aige. Má's leis aon-rath a dheanamh go deo, tá sé in am aige feasta."
"Tá'n foghmhar ar bheidhil a bheith craptha anois agham. Dhá mbeadh na cupla lúscáinín féir atá imbarr an bhaile tárluighthe isteach, d'fhéadfainn a dhul a' baint na bhfataí."
"Tá sé ar bheidhil a ghnaithí" = tá sé as cionn a chuid oibre; tá iarracht maith aige ar a' gceann-oibre atá sé a dhéanamh nó tá sé indáil le réidh aige. "Nach hé a bhíonns ar bheidhil a ghnaithí i gcomhnuidhe, ach is dhó is fusa, ó fhéadann sé fir fánaighe 'íoc." "Má tá tú ionann's réidh leis a' gcoirce, tá tú ar bheidhil do ghnaithí."
"Bheinn ar bheidhil mo ghnaithí anois, dhá mbeadh na cupla boirdín ithreach atá sa ngarruidhe sin thiar spréidhte agam." "Is mór is fiú do dhuine bheith ar bheidhil a ghnaithe."

Béiréiste, Béiléiste = ainm-fhocal, firinscneach: iolraidh — béiréistí
[Deirtear béiréiste a's béiléiste, ach a's minicí béiréiste].
Béiréiste = deoch a óltar, nuair a cuirtear margadh i gcrích. Is le linn an bhéiréiste go h-iondamhail a "déantar díol", a's a h-íocthar "an dúthracht".

"Ní margadh 'bith é mara n-óltar béiréiste air." "Níor mhian leis béiréiste 'bith a sheasamh, marach gur chuir muid faoi ndeara dhó é." "Fuair mé mo chion de'n bhéiréiste, chomh maith le duine." "Bíonn sé ag imtheacht chomh conórach ar aontaighe, a's a chleite istigh aige is 'chuile mhargadh, a' tnúthán le béireistí." "Bhí sé bun-shúgach de bharr béiréistí." "Ní raibh ar a' mbéiréiste, ach a' dá dheoch — ceann a sheas seisean, a's ceann muide." "'Is ar fhear díolta atá an chéad deoch de'n bhéiréiste a sheasamh' adeir sé. 'Glaodhfa mé fhéin geábh annsin' adeir sé, a's d'iarr sé gloine fuisce." "Is deacair le fear an Achréidh mórán béiréiste a sheasamh mara gcínne air" "A' striollachas thart, a' súdaireacht le béiréistí atá sé" = duine a bheadh a' fánuidheacht nó a' locadóireacht thart, ar aonach nó margadh a' forcabhás ar ól. "Chuir an béiléiste poll maith i luach a' ghamhan sílim" = bhearnuigh sé go maith a bhfuair sé ar a' ngamhain, le'r ghlaoidh sé d'ól i bpáirt leis a' gceannach-thóir. "Chuirfeadh sé margadh go bun an angair (= amhgair) do dhuine, as ucht é a thabhairt ar a' mbéiréiste" = dhéanfad sé a dhícheall rud a fhaghail ar shlad-mhargadh dhuit, ach fios a bheith aige, go bhfaigheadh sé cuireadh a dhul ag ól an bhéiréiste. "D'ól mé mo chion de chúig bhéiléiste indiu. Chuirfinn geall gurab shin rud nach ndearna tusa." "Ba 'seicín' (= páipéar 10s) spurtha é, ach a raibh luach a' bhéiréiste bainte as."

Beo = aidiacht, do-bhriathar, ainm-fhocal.

Beo = gan a bheith marbh; splannc nó dé na beatha a bheith ionnad; a bheith ar a' saoghal seo, nó ar shlighe na bréige.

Scioptha; bruideamhail; bíodhgamhail; scafánta; súnásach; teas an aithinne a bheith ionnad.

Druidthe; le ponnt a chéile; breac ballach le …

"Tá sé beo fós." "Níl ann ach go bhfuil mé beo." "'Bhfuil tú beo chor a' bith th'éis na h-oidhche?" "Is mór a' saothruidhe thú a's a bheith beo chor a' bith, th'éis a ndeacha tú thríd!" "Ó tháinic mé beo as a' ngábhadh sin, tá Dia in m'fhabhar." "Níor tháinic beo as a' mbriseadh [: cath, cogadh] ach duine nó beirt." "'Sé a dtáinic beo é fhéin." "Ní bhíonn cath a' bith nach dtagann duine eicínt beo as." "Bhí an tSeamair Mhuire aige a's a theacht beo as." "Ó tháinic mise beo ó'n oidhche aréir, dheamhan mo chos ná mo chnáimh a thaobhóchas an áit sin aríst, le mo shaoghal." "Ní fearr dhó beo." "Dheamhan a' fearr dhó beo an duine bocht, a's fheabhas a's 'bhí sé a' saothrú an tsaoghail." "Ní fearr beo an ceann céadna. B'olc é, 'ndeana Dia grásta air!" "Ní fearr dhó beo, má bhí sé chomh dona sin." "Má mharbhuighthear fhéin muid, cé fearr do na daoine beo." "Níl mé ach beo ar éigin" = dith-bheo. "Dheamhan ann ach go bhfuil mé beo ar éigin, th'éis a' ruaig sin."

T.: cé'n chaoi 'bhfuil tú?

S.: beo ar éigin, leisce bás a fhaghail (: níl ann ach modh focail. Ní móide go mbeadh clóic a' bith ar a' té adéarfadh é). "Beo ar éigin leisce bás 'fhaghail, a mhic ó. Is maith an mhaise dhuit fhéin é, bail ó Dhia ort." "Beo ar éigin, a's ní mórán leis." "Ní cás do dhuine é, fhad's bheidheas sé beo chor a' bith." "Níl beo anois de'n mhuirghín, ach inghean amháin." "Bhí an díleághadh ar na créatúir. 'Sé a bhfuil beo ar a' bhfeádhain anois aca(b), mac amháin." "Má tá sé beo fós, mairfe sé choidhchin." "Is diabhluidhe an saoghal atá sé a fhaghail, má tá sé beo fós." "'Sé atá beo, a's beo go maith." = 'sé atá, a's sean-bheo."

"'Sí atá sean-bheo fós, aindeoin go bhfuil aois mhór aice."
"Indomhnach, tá agus sean-bheo fós." "Níl ann, ach go dtáinic muid
beo." "Bhí an coinín dí-bheo, nuair a tháinic muid chomh fada
leis" = beo ar éigin; an dé ann ar éigin. "Tá sé dí-bheo
fós." "Fritheadh caithte dí-bheo ar a' mbóthar ar maidin é."
"Bhí an t-ádh 'na chaipín, a's srianadh thríd chor a' bith. Ní
raibh ann ach go raibh sé dí-bheo, nuair a fuair M. é.
Bhí sé strumptha ar fad." "D'fhaga sé caithte dí-bheo
annsin é, a's lasc leis." "Déarfá go raibh sé dí-bheo
ar éigin, ach 'sé a raibh ann é." "Bhí sé a' tabhairt na
gcor sa tsúil ribe. Dheamhan a raibh ann, ach go raibh sé
dí-bheo." "Is fada dí-bheo mar sin é." "Bail ó Dhia ort
fhéin a's ar do bhiseach! Tá a chuid bisigh siúd ar iarraidh!
Fear, nach mó ná dí-bheo é le dhul 'un trí lá!"
"Tá sé meath-bheo fós" = roinnt nó buille bheodhachais ann.
"Tá T. meath-bheo go maith fós, má's shin é do scéal
muis." "Beo ní bheidh tú in mo dhiaidh." "Beo, ní fhágfa
mé thú, má ionnsuighim thú." "Dheamhan do chos a fhágfas mé
beo, má fheicim ar an ámhuilleacht sin aríst thú." "Mara
leige tú de do chuid gársamhlacht' ní fhágfa mé
a dhath dhíot beo (ní fhágfa mé aon-cheo beo dhíot etc)."
"Beidh saoghal maith ann fós, an té a mhairfeas beó (a bheidheas
beo) len' fheiceál." "Beidh spré-mhóin ann, an té a bheidheas
beo aríst" = beidh spré-mhóin ag a' té a bheidheas beo, an
t-am seo aríst (: an t-am seo an chéad bhliadhain eile)
"Cá bhfios duit go mbeitheá beo aríst, ach súil le Dia."
"'Racha mé faoi do'n té a bheidheas beo aríst
go bhfuighe 'Rebelmen' luach a slainte" [Rafteri — "Na Buachaillí Bána]
"Beidh pósaidheachaí ann, an té a mhairfeas beo aríst, má tá
an oiread sin Punncán a' teacht." "An té a bheidheas beo
aríst, beidh neart oibre le faghail aige, má tá indán's
go bhfuil an dug sin le deanamh." "Go dtuga Dia do na
daoine a bheith beo!" (nuair a thráchtfaidhe ar an Nodlaig, ar
fhéile ar bith, nó ar rud sunntasach ar bith a bheadh chugad).
"Go dtuga Dia dhuinn a bheith beo in ar saoghal a's in ar

slainte, len' fheiceál." "Is aoibhinn do'n té a bheidheas beo indiaidh an choga adeir siad." "Naoi lá a sheasfas a' cogadh adeir a' tar(n)gaireacht. Ní mór do chuile dhuine trí mhaingín min' choirce a thabhairt leis, a's a dhul síos in ua(mh)ain thalmana go mbeidh sé thart. Ach is aoibhinn do'n té a bheidheas beo. Beidh saoghal na bhfuigheall aige."

"'Tiocfa luing an óir; tiocfa an tóir 'na diaidh
Tiocfa coga an dá Ghall go h-Éirinn, agus is aoibhinn do'n té 'bheidheas beo ina dhiaidh'" [Rann tarngaireachta]

"Má's beo mé, tiocfad" [freagra ar dhuine a d'fhiafróchadh díot a' dtiocfá in áit eicínt]. "Má's beo mé beidh mé ann."

"Chomh uain's 'bheidheas tú beo aríst, ná déan a leithide sin."

"Ní fheicfe tú mise dhá thaobhachtáil chomh uain's bheidheas mé beo aríst." "Chomh uain's 'bheidheas tú beo aríst, ná leag méirín fhliuch air sin, má tá do leas ar Dhia."

"Múinfe sin thú aríst, gan aon-araoid a chuir air sin, chomh uain's 'bheidheas tú beo aríst." "An dá lá a's 'bheidh-eas mise beo aríst, dheamhan isteach in aon-teach ósta a ghabhfas mé" "An dá lá a's 'bheidheas mise beo aríst, ní bheidh mo phlé leis" = "an dá is beo mise aríst, ní bheidh mo phlé leis." "An dá lá is beo thú aríst, ná cuir chuige ná uaidh." "Múinfe sin thú, gan drúcht ná báisteach a rádh le aon-duine de'n dream sin, an dá lá is beo thú aríst."

"Tá mo chomhairleachan faighte agam anois, a's ní in aisce é, ach an oiread. An dá lá is beo mise aríst, ní bhlaisfe mé d'aon deoir óil."

"Ó'n lá sin go dtí an lá atá indiu ann, níor labhair mise focal arrannta le S. ná ní labhrócha an dá lá is beo mé." "Dhá fhuideacht (nó dhá fhada) beo mise, ní fhaca mé a leithide de chleas dhá dhéanamh ag aonduine." "Is fada beo mé, ach ní fhaca mé a leithide d'aimsir ariamh a's atá ann, le sé seachtmhainí." "Is maith an

scathamh beo mise, ach ní fhaca mé fós ariamh grabairín chomh mío-mhúinte leis." "Má thagann cogadh, ní bheidh aon-duine beo 'na dhiaidh, ach grásta Dé." "Go dtuga Dia dhuinn a bheith beo, as ab uil a chéile aríst oidhche chinn bhliadna!" [beannacht adéarfadh duine i gcomhluadar oidhche chinn féile]. "Is deas a' chainnt atá ort, a's gan fhios aghad a n-eireochthá beo ar maidin, ach toil Dé." "Ní bhíonn fhios ag aon-duine ag dul a' luighe dhó 'san oidhche a n-eireocha sé beo ar maidin, ach toil dé." "Go dtuga dia dhuinn a bheith beo, an t-am seo aríst!" "Go mbeireamuid beo ar an am seo aríst!" [beannacht ar nuaidheacht eicínt a fheiceál i.e. uan óg idtús bhliadna, biadh nuadh, nó mar ghuidhe]. "A Dhia dhá thárrtháil! Go mbeireamuid beo ar an am seo aríst!" [Rud a chuirfeadh iongantas ort, nó nuaidheacht].
"Slán beo leis a' sean-saoghal" = céad slán do'n tsean-saoghal!" "S. Ph. a bhí in mo bhuil, slán beo leis!" [Bhí sé imthighthe go Ameriocá nó as baile anois]. "Impidhim ar a' Domhnach maran beo mé ach mí seal fada a bheith a' gabhail leat ar thórainn Bhéal Átha an Ríogh."
"'Slán leat a stóirín! Slán beo leat go bhfille mé aríst'" [líne as "An Abhainn Mhór"].
"Slán beo leo(b) ar fad! Tá 'chuile mhíle duine acab i Meriocá anois!"
"Mara ndéana tú deifir, ní bhéarfa tú beo air" = beidh sé caillte romhat. "Dhá mhéad deifir dhá ndearna an mac, níor rug sé beo uirre ina dheidh sin."
"D'imthigh sí de ghort a' gharta 'sábhála Dia sinn! An té a bheadh thíos ag a' gC. Mh. ní bhéarfadh sé beo uirre, ní áirmhighim a mhaltraid" = bás tobann.
"Ar éigin a's ar arach a rug mé beo air."
"Teirigh faoi (dh)éint a' tsagairt, agus is maith an deifir a dhéanfas tú má bheireann sé beo air." "Má's leat breith beo air, níl noiméad

moille le deanamh agad. Tá sé ar a chailleadh ó mhaidin indiu." "Nach gearr a' cháirde a thug a' bás dó, a's nach rug mé beo air!"

"Is cuma liom beo nó marbh, tá mé chomh dona sin." "Is cuma liom mo bheo nó mo mharbh, mara bhfagha mé réidh an achair ó'n bpian seo." "Nach cuma dhó a bheo nó a mharbh anois, má tá'n bhail sin air — martruighthe le na shaoghal aríst." "Sé'n chás amháin dom é, beo nó marbh anois." "Dubhairt sé gur chuma leis beo nó marbh, a's chreidfinn é freisin. Níl fhios ag aon-duine beo, cé'n chaoi 'bhfuil sé sin a' saothrú an tsaoghail." "Is cuma liom mo bheo nó mo mharbh — rud a' bith a chuirfeadh as pian mé!" "Nach hé an cás céadna do'n duine bocht a bheo nó a mharbh. Cé fearr dhó beo!" "Dheamhan a' miste le saighdiúr a bheo nó a mharbh. Nach len' aghaidh sin atá sé ann?" "Dhá mbadh é mo bhás, nó mo bheo é, an uair chéadna, dhéanfainn é." "Má's é mo bhás nó mo bheo é anois, is cuma liom. Tiocfa mé thríd." "Ní beo liom mo bheo, a's ní bás liom mo bhás a's an chaoi atá orm" = níl aon-drugal agam bás a fhaghail, arae tá mé a' saothrú an tsaoghail (nó luit, nó tinnis) thar m'acmhuinn, mar atá mé. "Ní beo liom mo bheo, ó tháinic bárr orm, go deireannach." "Ní beo liom mo bheo, ó bhuail a' phian ghártha seo mé." "Ní beo liom mo bheo d'uireasbha mo mhaicín bán fhéin." "Ní beo liom mo bheo, a's ní bás liom mo bhás, ó rinne mé an imirce seo." "Dubhairt cailleach na clúide nar bheo léithe a beo, ó b'éigean di, athrú as a' mbaile. Ach dheamhan mórán clóice 'bhí uirre 'na dheidh sin, i gcosamhlacht." "A dhearbhráithrín mo chroidhe thú, ní beo liom mo bheo, chor a' bith ó bánuigheadh a' teach, a's

ó d'imthigh na gearr-bhodaigh uaim." "Ó tháinic bean a' mhic isteach faoi chaolachaí an tighe aice, ní beo léithe a beo chor a' bith. Tá sí reicthe 'chuile phuínnte sa ló aice, an tsean-bhean bhocht." "Ní beo liom mo bheo ó tháinic mé isteach 'sa mbaile céadna an chéad lá ariamh. 'Chuile mhíle duine ann in adhar (aighre?) a' chochaill in a chéile, ó mhaidin go faoithin." "Níor bheo leis a bheo, an duine bocht, ó chuir sé an chlann." "Bhí an-chion aice, ar a' mac ba shine, a's ní beo léithe a beo, ó cuireadh é sin."

"Ní hé a bheo ná a mharbh, atá a' cuir imnidhe ar siúd ach ól a's eirghe-in-áirde." "Is furast aithinte ort, nach hé do bheo ná do mharbh atá a' cur imnidhe ort, a's a dhul sa gcontabhairt sin." "Dhá mbadh é a bheo nó a mharbh a bheadh a' déanamh imnidhe dhó, is fada amach ó na h-amhuis sin a' d'fhanóchad sé — is fada sin." "'Bhfuil suim a' bith aghad in do bheo ná in do mharbh, nó cé'n catmara atá do do tharraingt siar ar a' mbaile sin." "Fear a' bith a chuaidh isteach in a lár sin, déarfainn gur fear é, gan mórán suim in a bheo ná in a mharbh." "A Thighearna nach diabhlaidhe beag a' tsuím atá in a bheo ná 'na mharbh ag an ngasúr sin, a dhul a' marcuigheacht ar a' mbromach, a's gan fhios aige, nach tosuighe ar' gabhail dá tóin in áirde a dhéanfadh sí, a's é a chaith(eamh) anuas." "Dhá bhfeicinn dá dhéanamh é, ní leigfinn a bheo leis, ná dheamhan baoghal orm." = mharbhóchainn é. "Is maith an scéal duit féin, nachar rug mise ort, nó dá mbeirinn, ní leigfinn do bheo leat as ball na h-áite"

"Tá'n bheo a's an marbh chomh maith le chéile tarraingthe thríd n' fhiacla aige" = "bíonn sé a' coireamhaint ar a' té atá ar shlighe na fírinne, chomh maith leis a' té atá ar

shlighe na bréige." "Sé'n chás amháin leis an beo a's an marbh, nuair a bhuailfeas fonn biadáin é." "Hébrí céard a dheanfas tú leis a' mbeo, leig de na mairbh" = "abair do rogha rud leis a' mbeo, ach fág na mairbh le na n-anshógh féin." "An té nach dtiubhra modh do'n bheo, ní thiubhra sé modh do na mairbh" [: a' cainnt dó].

"Ar do bheo ná do mharbh ná teara annseo aríst" = "ná teara ar chonntar a' bith" = "ná teara ar mhaith leat fhéin, nó má tá do leas ar Dhia." "Ar do bheo, ná ar do mharbh, fainic a labhróchthá air sin, le duine ar bith."

"Ná taobhuigh an teach sin aríst ar do bheo ná ar do mharbh."

"Ná cloisimse an focal sin as do bhéal aríst ar do bheo ná ar do mharbh, nó má chloisim, giorrócha mé leat."

"Ní dhéanfadh sé ar a bheo ná ar a mharbh é" = ní dhéanfadh sé ar luach-saothair a' bith é.

"Dheamhan anoir 'fheicfeas tú aríst é, le na bheo ná le na mharbh" = "ní thiocfa sé anoir aríst é, le linn a' tsaoghail seo, ná'n an chéad saoghal eile [am atá igceist ann].

"Ní thaobhócha mise B. U. aríst le mo bheo, hébrí céard a dhéanfas mé le mo mharbh" = chomh uain's 'bheidheas mé beo aríst, ní racha mé B. U., ach níl fhios agam céard is cor dhom th'éis mo bháis. "Ní bheannócha mé dó le mo bheo ná mo mharbh, th'éis a' chleas a rinne sé orm." "Dheamhan deoir 'ólfas sé aríst adeir sé le na bheo, ná' mharbh." "Dheamhan goir agam an baile a thaobhachtáil aríst le mo bheo ná mo mharbh, má eirigheann aon-cheo do 'bhicycle' Sheáinín." "Ná feicimse ar mo shráid aríst é, le mo bheo ná mo mharbh, nó daighean mé, má fheiceann go n-íocfa sé ann." "Má chloisimse, go gcaithfe tú an chainnt sin le do bheo ná le do mharbh aríst, gheobha tú faoi na for(bh)aí é, feicfe tú fhéin. "Níl aon-oidhche le na bheo aríst, nar dhubhairt sé an paidrín, roimh a dhul a chodladh dhó."

"Dheamhan oidhche le na bheo aríst, th'éis na h-oidhche sin, a d'fhan sé amuigh ag imirt chártaí, indiaidh an deich a chlog."
"Dheamhan Domhnach le na bheo aríst, a d'fhan sé ó'n Aifreann. Fuair a dhíol de chomhairleachan."
"Leágha na bhFíonn ní dhéanfadh beo aríst é" = "ní dheanfadh dochtúirí na h-araidhe beo aríst é." "Má chaillteart tú aon-uair amháin, leágha na bhFíonn ní dhéanfadh beo aríst thú."
"Cé'n mhaith dhi a cuid airgid anois. Ní dhéanfa sé beo aríst í." "Tá dochtúirí dhá coinneál beo leis an fhad seo." "'Siad buidéil a' dochtúra a choinnigh beo í."
"An leabhar Eoin a thug a' sagart dó a choinnigh beo é."
"Chaith sí a saoghal a' pléidhe le 'luibheannaí', a's dhá dtabhairt do dhaoine eile. Feiceamuist coinnigheadh siad beo í fhéin anois." "'Sé'n 'dole' atá dhá choinneál beo. Dheamhan slighe ná fághaltas eile aige." "Céard a choinneochadh beo muid [: céard a choinneochadh beatha linn], marach na cupla punt sin a tháinic as Ameriocá?"

"'Fan beo a chapaill a's gheobha tú féar'" [sean-fhocal] = má bhíonn tú indon an ganntanas nó'n t-ocras a mharuidheacht idir an dá linn, beidh greadadh beatha le faghail agad fós. [A' cur coimhlíonadh an deagh-ghealladh ar a' méir is fuide igcomhnuidhe]
"Tá an chainnt sin ceart go leor — 'fan beo a chapaill a's gheobha tú féar' — ach ar chuala tusa ariamh 'go bhfaghann na ba bás 'fhad's bhío(nn)s a' féar a' fás'."
"Sin é an leath-rann atá acab sin igcomhnuidhe, go mbeidh saoghal maith ann, a' chéad bhliadhain. Tá siad 'fhearacht ag a' bhfear fadó adeireadh: 'fan beo a chapaill a's gheobha tú féar'." "Chuala muid na geallamhan-tais sin cheana uaibh: 'fan beo a chapaill is gheobha tú féar'. Is fada an fanacht ag a' gcapall é, 'nDomhnach."
"Cuirfe siad sin 'chuile shórt ar a' méir is fuide, a's dheamhan ar mhiste leob dhá bhfaghadh créatuir bhochta bás, chomhuain's bheidís a' fanacht leis a' gcabhair. 'Fan beo a chapaill, a's

gheobha tú féar' dar ndóigh." "Is fada an capall a' fanacht beo, a's tá sí chomh fada ó'n bhféar anois, a's bhí sí an chéad uair ar gealladh dhi é."

"Chomh cínnte [nó chomh 'siúráilte'] a's atá tú beo, sé 'bhí ann."

"Chomh siúráilte a's tá mé beo, sin é a dhéanfas sé. Dheamhan a mhaltraid." "Chomh 'siúráilte' a's atá beo dhó, sin é an áit a raibh sé ag gabhail." "Chomh cínnte a's tá mé beo, ag iarraidh mná a bhí sé ag gabhail." "Chomh cínnte a's tá sé beo, 'sé a casadh do Mháire mar sin."

"Dheamhan a bhfuil beo dhó, nó sé 'bhí ann" = "'sé 'bhí ann go cinnte." "Dheamhan a bhfuil beo dhíot, nó's tú a rinne é. D'aithneochainn ar do dhá shúil é. A's thú ag iarraidh é 'leagan ar dhaoine eile annsin!" "Dheamhan a bhfuil beo de Learuidhe, nó sin é anoir é." "Dheamhan a bhfuil beo de Phádraic, nó tiocfa sé ann" = "tiocfa sé ann, go cínnte." "Dheamhan a bhfuil beo de'n sagart, nó sin é aníos é." = sin é aníos a' sagart go cinnte.

"Dheamhan a 'bhfuil beo de T. Mh. nó 'sé a d'innis dóib é." "Chonnaic mé an strainséara ag gabhail soir ann aréir, a's dheamhan a bhfuil beo dhó, nó sin é a bhí ann." "Dheamhan a bhfuil beo de Nóra, nó 'sí a chuir suas le bean Sh. Mh. N an méid sin a rádh. Tá cúl a' cainnte go maith leis a' gceann sin." "Dheamhan a bhfuil beo dhó mar sin, nó 'sé a d'airigh mé a' rúpáil ar fud na sráide deireannach aréir." "Dheamhan a bhfuil beo de 'Phateen', nó imtheocha sé fhéin anois, chomh maith le duine." "Dheamhan a bhfuil beo dhíot, nó's is tú a chum do Mh. Bh., go raibh M. A. ag gabhail a' pósadh. Dubhairt sé liomsa gur cuireadh pearbhúl air, gan cainntiú air." "Dheamhan a bhfuil beo dhíot, nó's tú a ghoid mo cuid tobac."

"A bhfuil beo ar thalamh an domhain, a's ní chuirfeadh chuig a' scoil é." "A' bhfuil beo a's, ní bhainfeadh ceart di — ní bhainfeadh sin." "Dheamhan a bhfuil beo a chuirfeadh aon-chomhairle air, nuair a chaithfeas sé in a cheann rud a' bith a dheanamh." "Dhá mbeadh a bhfuil beo istigh, sé'n rud céadna a dhéanfad sé."

"Ní beo é gan a bheith a' déanamh rud eicínt as bealach" = "ní bheadh sé beo gan a bheith a' déanamh contráilteachta eicínt." [Is iondamhla an chéad leagan — "ní beo é"] "Ní beo thú gan a bheith corruighe a's do do lúbadh fhéin." "Ní beo é gan a bheith imthighthe, a's nuair a bhíonn sé imthighthe, dheamhan a' beo é, gan a bheith sa mbaile arís, a's dheamhan fhios agham fhéin cé'n scéal é! Bíonn cuid de na daoine an-luath-íntinneach." "Tá mé 'ceapadh nar bheo thú, mara mbeitheá a' coireamhaint ar dhuine eicínt." "Ní beo é, gan a dhul a' cuartaidheacht go h-acht a's go h-áithrid." "Ní beo, an ceann céadna, mara bhfagha sé cead bóithreoireacht' agus is olc a theighea(nn)s sé dhó go minic — is olc sin." "Is cosamhail nach beo thú, mara leigtear a' déanamh púicín thú. Well, caithfe tú déanamh dhá uireasbha anocht ar aon-chor." "Níor bheo é, go dteigheadh sé a' (= de?) charruidheacht liom, a's nuair a chuaidh muid a' charruidheacht, ba gearr go ndearna mé cleas a' tradhaill leis. Ní bheidh an oiread fonn air arís déarfainn." "Níor bheo é Seán, go dteighead sé ag ól, agus is beag a bhí ólta aige, 'san am a raibh sé ar meisce. Sílim gur beag an acmhúinn atá ar aon-ól aige — gur beag sin." "Ní beo é an diabhlánach céadna, mara mbeidh sé a' déanamh míllteanais eicínt, hébrí cé'n smál atá air, fharras duine 'bith dhá aois ar a' mbaile." Níor bheo na gearrchaileadha, go bhfaghaidís cead a dhul chuig an gcéilidhe, ach sílim dhá mhéad fonn a bhí orra(b) a dhul ann, go raibh a dhá oiread fonn orrab a theacht as. Chuala mé nach damhsa a bhí ann, ach achrann." "Ní beo thú gan a bheith 'spochadh leis an ainnle bhradach sin, a's fios aghad cé'n bealach atá leis." "Níorbh bheo thú ariamh fhéin, mara mbeadh duine eicínt agad, le dóigh mhagadh a dhéanamh dhe."

"Tá'n áit beo leo(b)" = druidthe; breac-ballach; iad le ponnt a chéile ann; iad thar a chéile ann; iad an-tréan ann. "Tá na breaclachaí sin siar beo le coiníní." "Tá'n seomra seo beo le luchain." "'Bhfaca tú aon-áit ariamh atá beo le franncaigh mar é?" "Bhí an seomra beo le ciarógaí." "Siúd í an leaba a bhí beo le dreanncaidí." "Tá na crícheannaí sin suas beo ar fad le bruic le goirid anuas. Is iongantas é, a's laghad aca(b) a's bhíodh ann roimhe seo." "Tá na girr-fhiadhachaí an-taithighthe anois imbarr a' bhaile. Is gearr go mbeidh an áit beo leo(b). Airigheann siad nach bhfuil aon-chú aghamsa, nó gheobhaidís garbh é." "Má mhaireann dóib, is gearr go mbeidh an teach beo le luchain bheaga. Is mór a' babhta orainn gan aon-chut a bheith againn. Deirimse leatsa gur maith ann na cuit ina dheidh sin, aindeoin go mbíonn casaoid orrab amanntaí." "Is diabhaltuidhe an lear gasúir as Baile Átha Cliath atá siar annsin. Níl aon-áit dá dtiocfa tú nach bhfuil beo leob, a's iad chomh h-ámhuilleach mioscasach le na bhfaca tú ariamh." "Bhí na criathraigh sin suas beo le póilíos le cupla lá, ach dhá fheabhas dhár shaothruigh siad é, chinn orra(b) aon-deoir phoitín a fhaghail in a dheidh sin." "D'fheicfeá na garrdhantaí beo le philipíní an tráth seo bhliadhain i gcomhnuidhe." "Tá'n cladach beo le mná riaghalta indiu ar snámh ann. Shíl mé nach raibh an oiread siúd aca(b) uileag in Éirinn." "Eirigh as sin a dh-l! Tá'n cnocán beo le siogáin (: seangáin)" "Tá'n tuighe seo beo le cnuimhe. Airighim a' snámh orm péin iad." "Bhí mo chuid éadaighe a's mo chraiceann beo le sciortáin (: sceartáin) de bharr a bheith in mo luighe 'sna raithneachaí. Tharraing mé ceann mór as mo cheathramha le strócántacht mhór."

Beo = scioptha, aigeanta, éascaidh ar do chois, in t-imtheacht in t'iomchur; storramhail, spreamhsach; mear; ar a' bpuinnte. "Bí beo." "Tara uait go beo abhaile" = go scioptha, deifreach. "Imthigh leat go beo, a's glaoidh aníos air." "Déan deifir go beo, a's ná caith an lá leis." "Amach leat ar a' bportach go beo, a's ná leig an oidhche ort fhéin." "Siar leat go beo, a's fuagair air a theacht aniar." "Corruigh leat go beo, nó ní bheidh tú sa mbaile ó ló." "Eirigh go beo, nó ní bhéarfa tú ar an Aifreann." "Mara n-imthighe tú go beo, beidh sé thar am ort ag a' mbus." "Fág seo go beo, nó báithfidhear go craiceann muid." "Fág mo bhealach go beo. A' síleann tú nach bhfuil tada ar m'aire, ach an oiread leat féin?" "Ith do bhéilí go beo, a's bí amuigh." "Mara bhfeistighe tú amach thú fhéin go beo, ní bheidh aon-ghoir agham fuirtheacht leat." "Tá sé beo ar a chois" = sciobtha, éasca. "Bí beo ar do chois thairis sin." "Tá sé an-bheo ar a chois." "Duine beo é." "Shílfeá go mbeitheá beo thairis sin. Ní fhaca mé aon-roighineadóir ariamh go dtí thú." "Breagh nach bhféadfá a bheith beo leis a' rud a bheitheá a dheanamh, a's gan a bheith a' faghail bháis as a chionn?" "Déan deifir go beo, má's leat a bheith in am." "Tá sé beo ar a choisméig." "Siúd é atá beo in éadan a ghna(ithe)." "Breagh nach mbeitheá beo thairis sin?" "Is maith beo uaidh imtheacht!" = is deifreach a imthighea(nn)s sé. "Is breagh beo uaidh siubhal." "Is maith beo uait do ghnaithe a dhéanamh." "Ba mhaith beo í ar fud a' tighe." "'Sé atá beo a' damh(n)sa." [Cuirtear "beo" go minic roimh aidiacht eile, le céill an aidiachta eile sin a neartú: "Beo beithidheach", "beo scafánta", beo bíodhgamhail etc].

"Tá sé beo beithidheach fós" = níl baoghal a' bith air a bheith caillte; tá sé sean-bheo fós. "'Sé atá, a's beo beithidheach." "Tá sí beo beithidheach fós, aindeoin go bhfuil an céad sáruighthe aice." "Dheamhan a dhath mairg' uirre. 'Sí atá beo beithidheach

fós." "Is maith an mhaise dhó é, a bheith beo, beithidheach fós,
a's an aois atá aige." "M'anam go bhfuil T. Mh. beo beithidheach
fós, má's sin é do scéal." "Tá sé beo beithidheach fós,
aindeoin gur comh-aois é fhéin a's Páidín se'aghainne 'ndéana
Dia grásta air." "Dhá mbeadh sé dhá chéad, tá sé beo, beithidheach"
"Cé'n chainnt sin ort? Nach bhfuil Beartla beo beithidheach fós?"
"Níor mhaith dhuit a' bás a shamhailt leis siúd — fear atá beo,
beithidheach fós." "Dheamhan cuimne 'bith báis ag Seán. 'Sé atá
beo beithidheach, a's chomh maith a's 'chonnaic tú ariamh é."
"Aindeoin gur chuir sé triúr ban, tá sé féin
beo, beithidheach fós." "Mara mbí na gliomaigh beo
beithidheach, a's thú a' dul dhá mbruith, níl aon-mhaith
ionnta(b)." "Sé'n fáth a gcuirtear na gliomaigh sa
bpota taisce, i riocht's go mbeidís beo, beithidheach, nuair
a thiocfaidhe dhá ndíol." "Deir siad gur cuireadh beo, beithidheach
igconra í sin. Bhíodh na céad éaga, nó rud eicínt mar sin uirre,
a's shíl siad go raibh sí séaluighthe." "Fritheadh
páiste caithte sa gcladach ann, imbosca, an bhliadhain cheana,
a's bhí sé beo beithidheach. Mhair sé freisin, sílim." "Rugadh
a' páiste, beo, beithidheach, ach níor mhair sé ach cupla uair.
Cailleadh a' mháthair ar a' bpuínnte." "Íosfa mé beo, beithidheach,
thú." "Is beag nar ith sí beo, beithidheach mé, faoi imtheacht."
"Mara n-eirighe tú as do chuid ealadhaine, íosfa mé beo
beithidheach." "Rug a' fathach air, a's shíl sé é 'ithe beo
beithidheach." "Tá amhuis amach 'sna réigiúin choimhthigheacha
sin, a's d'íosfaidís beo, beithidheach thú, dhá bhfaghaidís
aon-leigean ort." "Ní bhfaighead sé sásamh 'bith thú
'bhualadh. B'fhearr leis thú 'ithe beo beithidheach."
"Cuirfe mé beo, beithidheach síos sa talamh thú, mara
leige tú dhom." "Tá mé thíos sa talamh beo, beithidheach
aice, a' troid, a's a sciolladóireacht orm" = ní beo
mo bheo aice, ach éag. "Is bocht dom a bheith thíos
sa talamh fhéin, beo, beithidheach agaibh, a's an cheird atá
oraibh, maidin a's trathnóna" = ní iongantas a' bith,
go bhfuil mé ionann's marbhuighthe agaibh, a's an
cheird atá oraibh maidin is trathnóna (: scoimhléaracht
sciolladóireacht etc).

"Is beag a' dochar dhom a bheith beo, beithidheach thíos sa talamh agaibh, a's an chaoi a bhfuil sibh i m'éadan." "Chuirfeadh sibh beo beithidheach síos sa talamh mé dhá bhféadadh sibh. Is fada lib fanacht go gcuirfe Dia fios orm." "Nach mé atá thíos 'sa talamh beo, beithidheach agad!" "Chuirfeadh sé beo beithidheach idtalamh duine, dhá gcaithead sé i bhfad in aoinfheacht leis." "Tarraingeocha mé ó 'chéile beo, beithidheach thú." "Tá mé sceannta beo, beithidheach aige ag iarraidh airgid orm, a's gan aon-phighinn agam, le tabhairt dó." "Mara n-eirighe tú as do chuid gnaithí, m'anam ná raibh ag a' d-l, go stiallfa mé ó chéile beo, beithidheach thú."
[Sonnruigh an t-idir-dhealú atá idir "beo beitheadhach", a's "fuar beithidheach"]

"'Sé atá beo, bíodhgamhail" = áirdeallach; aireach sciobtha; ní imthigheann tada ingan-fhios dó; níl aon-chlaoidhteacht ná aon-mhearbhall fós air." "Tá sí chomh beo, bíodhgamhail le coinín sa gclúid." "Ar a' dá luath a's ar dhubhairt mé fhéin an méid sin, d'eirigh sí aniar beo, bíodhgamhail sa leaba chugam, a's chuir sí na súile thríom." "Is beag a' chlóic atá fós uirre, ach beo, bíodhgamhail." "Duine beo, bíodhgamhail é. Ní a' tuitim in a chodladh a bhío(nn)s sé, fearacht tuille." "Beainín bheo, bhíodgamhail í, mara bhfuil a' téagar fhéin innte." "Is beag a chorróchas ar fud a' tighe ingan-fhios dó. 'Sé atá beo, bíodhgamhail, sé sin." "B'fhiú ór duitse, dhá mbeitheá, comh beo, comh bíodhgamhail leis a' ngasúr sin thíos ag S. D." "Putach meabhrach é. 'Sé atá beo, bíodhgamhail, ag a' scoil." "Is ait a chruthóchas sib, tada a thabhairt lib, ingan-fhios di siúd. Tá sé beo, bíodhgamhail, a's bíonn súil aice is chuile áit ar fud a' tighe." "Ní mór dhuit a bheith beo, bíodhgamhail thairis sin. Leig tú an cut ar a' drisiúr, nó gur dhóirt sé an bainne." "Is deacair imeartas ar siúd! Tá sé beo, bíodhgamhail — tá sé sin!" "Ní a' faghail bháis chor a' bith atá sí sin, ní hé t'fhearacht fhéin é. Cailín beo, bíodhgamhail í sin, deirimse leat."

"Tá sé beo, bruideamhail" = an-bhruideamhail, nó an-sciobtha, nó an-díocasach i gcíonn a chuid oibre.

"Duine beo, bruideamhail é. Níl fhios agham nach hé an iomarca uathbháis a bhío(nn)s air, ag obair amanntaí."

"Sin é an buachaill atá beo bruideamhail, le na chuid oibre. Tá'n foghmhar craptha cheana aige." "Sílim go gcaithfe tú a bheith beo, bruideamhail thairis sin, maran leat an oidhche a leigean ort fhéin." "Duine 'bith a bheidheas ag obair in a thimcheall siúd, ní mór dhó a bheith beo, bruideamhail, deirimse leat." "Chaith mé an trathnóna ag obair go beo, bruideamhail, a's má chaitheas fhéin, is beag dhá bhuidheachas a bhí orm." "Bí beo, bruideamhail anois, a's b'fhéidir go mbeitheá ar ais, ó ló." "Gearrchaile beo, bruideamhail í, agus an-bhean tighe." "D-l bréag, nach beo, bruideamhail a d'imthigh sé th'éis a' méid sin." "Nach bhféadfá a bheith beo, bruideamhail, mar tá 'chuile scurach ar a' mbaile, a's gan a bheith ar a' roighineadóireacht sin." "Hébrí cé'n bhean a thiocfas isteach annsiúd sí, a chaithfeas a bheith beo, bruideamhail, le freastal a dhéanamh ar 'chuile shórt. Tá an-lear oibre ann, a' réidhteach muc a's beithidheach."

"Tá sé beo sciobtha, beo tapa, beo éascaidh, beo scafánta, beo mear, beo lúthmhar, beo meanmnach, beo fíreamhail, beo fuinneamhail, etc. [baintear leas astu seo go rí-mhinic]. "Bí beo sciobtha anois." "Tá sé beo sciobtha ar a chois." "Duine beo sciobtha é." "'Sé atá beo, sciobtha, th'éis an aois atá aige." "Capall beo sciobtha í." "Is beo sciobtha uaithe [: capall etc.] imtheacht." "Is beo sciobtha a tháinic tú." "Is beo sciobtha an mhaise dhó fós é, aindeoin go bhfuil sé seacht mbliadhna a' faghail an phinsean." "Deirimse leat, má fhaghaimse leigean air, gur beo sciobtha 'imtheochas sé" "Imthigh leat anois go beo tapa, a's ná leig a' deireannas ort fhéin."

"Mara nglana tú go beo tapa, cuirfe mise deifir ag imtheacht ort." "Lasc leat anois go beo tapa, i gcoinne tobac dhom." "Is beo tapa uaidh criathrach a ghearradh." "Mara leige tú cead mo chinn domsa go beo tapa, beidh raic ann." "Nuair a chuala sé an méid sin leig sé leis fhéin go beo, tapa, deirimse leat." "Spréidh amach anois é, go beo tapa, as ná caith an lá leis a' gcaolóidín sin." "Breagh nach n-íosfá do bhéilí go beo tapa, mar dheanfadh fear, a's gan a bheith 'blaismínteacht dhi, mar sin." "Fear beo tapa ar a chois é." "M'anam muise mara gcuire tú i bhfocal anois go beo, tapa í, go mbeidh tú réidh léithe. Chuala mé go raibh sí ídighthe aige, go dtí mála amháin." "Roínn amach cártaí go beo, tapa a's ná caitheadh muid an oidhche annseo." "Chuaidh sé abhaile go beo tapa th'éis a' méid sin. Ba mhaith an aghaidh air, a' gob a fuair sé. Ní hé a mhaltraid a thuíll sé dhó fhéin." "Is áidhbhéil a' ghairmeach mná í, a's má seadh fhéin, tá sí beo, tapa ar a cois."

"Tá sé beo éasca(idh)." "Is beo éasca(idh) uaidh a theacht 'na bhéilí, ach níl sé chomh beo sin ag (dh)ul 'un a chuid oibre." "Is beo éasca uaidh, tarraingt 'na tighe ósta trathnóna."

"Tá sé beo scafánta." "Is beo scolbánta uaidh bóthar a ghearradh." "Ní bheidh tusa chomh beo, scafánta leis go deo, ar chuma'r bith. Is fada uait é." "Fear beo scolbánta a bhí ann, nuair a bhí sé óg." "Diabhal bean in do thír, chomh beo, chomh scolbánta léithe fós. Chonnaic mé ag dul thar chlaidhe annsin thiar í, an lá faoi dheire, a's dar mo choinsias, ba mhaith an dicheall dhom a dhul thairis, má's agam atá an óige."

"Tá sé beo meanmnach." [féach "meanmnach"].

"Duine beo fíreamhail é" [féach fíreamhail].

"'Sé atá beo fuinneamhail, slán a bheidheas sé."

"Siubhail uait anois go beo mear, nó beidh siad siúd ag (d)ul le cuthach." "Tá siad beo croidhtheamhail."

beo bocht féach ["bocht"].

"Beo droch-mhúinte", "beo bruithte", "beo deifreach", "beo slán", "beo te", etc.

"Tá sé beo droch-mhúinte" = "bhíodhgfad sé agad 'un droch-mhúineadh go h-éasca." "D'eirigh sé suas beo droch-mhúinte, a's rún aige a raibh' sa teach a chaith(eamh) amach." "Sin é an stolcáinín atá beo droch-mhúinte." "Mara raibh sé sin beo droch-mhúinte castar leis é!" "Duinín beo droch-mhúinte é M. Sh. G., ach is beag a bhío(nn)s de bharr a chuid droch-mhúineadh aige, go minic." "Shílfeá le bheith 'cainnt mar sin léithe, nach leaghfadh a' t-im in a béal, ach déarfadh a' dream a bhfuil eolus aca(b) uirre, gurb í atá beo, droch-mhúinte." "Amach leis ar a' tsráid go beo droch-mhúinte, a's shílfeá gur mó an fonn a bhí air, tosuighe a' cur a chraicinn di amuigh." "Dheamhan duine a chonnaic tú ariamh in do shaoghal chomh beo droch-mhúinte leis sin, má fhaghann sé aon-ughdar." "Ní raibh aon-duine dhá dhreám, nach beo droch-mhúinte a bhí, a's ní dheacha seisean in aghaidh duthchais, ach an oiread le duine." "M'anamsa muise gurb sheo í an áit deire ag duine beo droch-mhúinte mar é. Is gearr a d'éistfídhe annseo leis, nó go ndaithtí (: ndathuightí) an smut aige." "Duine sásta é shílfeá, nó go mbaintí as é, ach indomhnach nuair a bhainfí, tá sé beo droch-mhúinte." "Is olc an éadáil do dhuine 'bith atá beo droch-mhúinte é 'chasadh isteach ar a' mbaile sin, áit a bhfuil seála amhus cheana."

"Dar mo choinsias duit, is beo droch-mhúinte, adubhairt sé liom mo bhéal a dhúnadh, a's eirghe as an ngráiscínteacht!"

"Chuaidh sé abhaile go beo deifreach." "Corruigh leat anois go beo deifreach, a's ná bí moilleadóireacht annsin tíos (: níos) fuide." "Mara dteighe tú siar a chodhladh go beo deifreach, roínnfe mise an tslat leat."

"Bí beo deifreach leis anois." "Is beo deifreach uaidh é fhéin a ghléas." "Mara 'ndán's go n-imthighe,

tú anois go beo deifreach, imtheocha tú ar ball, a's thú in aithmhéala." "Fág seo go beo deifreach go dteigheamuid abhaile." "B'fhearr dhuit thú fhéin a réidhteach go beo, deifreach má's leat a dhul 'na scoile indiu." "Cuir a' teach faoi réir go beo deifreach anois, nó beidh na strainséaraí isteach orainn." "D'iagcóir (d'éagcóir Dé?) dhuit nach dteidheann amach in do gharrdha go beo, deifreach as sin, ach is cosamhail gur beag a' fonn maitheasa atá ort." "Teirigh síos faoi (dh)éint na mbeithidheach go beo, deifreach. Fainic a' ndéanfa aon-mhoill faoi bhealach anois, nó beidh sé in a n-oidhche ort." "Chaith siar a' méid sin go beo deifreach, go mbeidheamuid a' baint coisméig' as." "Deasuigh an rothar sin go beo deifreach, nó beidh sé thar am orainn." "Siubhail uait go beo, deifreach anois, maran leat an oidhche a chaith annseo." "Ara a fhleasca(igh) beir air, go beo deifreach, nó beidh sé imthighthe uait."

[Is ionann go "beo bruithte" a's go "beo deifreach". "Amach leat annseo go beo bruithte in éadan do ghna(ithe)"]

"Is beo te uaidh rud a dhéanamh" = sciobtha, nó faoi fheirg

"Is beo te adeirigh sé suas ag dul do mo bhualadh." = beo drochmhúinte.

"Tá sé beo slán" = in a shláinte, gan aon-mhairg ná aon-chlóic air." "'Sé atá beo slán fós." "InDomhnach níl tada air: ta sé beo slán." "Ní fiú dhó a rádh gur eirigh tada dhó: tá sé beo, slán."

"Tá sí beo fós" = coinneal nach mbeadh ídighthe ar fad. "Tá siad beo fós" = dream a bheadh ag dul ar gcúl, nó a' leigean fútha i bhfeirg, in achrann etc, nó a' claochmhú in a neart, ach nach mbeadh claochmuighthe amach a's amach. "Dar príosta tá sé beo fós. Is fadó an lá nar chuala mé aon-ucht uaidh anois." "Tá muinntir Sh. Mh. beo fós. Shíl mé go raibh siad leigthe fútha(b) ar fad go dtí sin." "Is maith é C. tá sé beo fós muis, má tharraing sé achrann aríst." "Is fadó cheana nachar chuala mé ucht ná acht ná éagcaoine ó'n dream sin go dtí sin, ach is cosamhail inDomhnach go bhfuil siad beo igcomhnuidhe" "Is maith é S. a's a bheith beo chor a' bith, th'éis a' bhail a cuireadh air."

"B'fhearr liom beo idtalamh ná a' plé leat" = d'fhuilingeochainn rud a' bith, ach gan aon-bhaint a bheith agam leat. "B'fhearr do dhuine beo idtalamh, ná ag éisteacht leis an amhlóir sin ó mhaidin go faoithin." "B'fhearr dhó go mór beo i dtalamh, ná ar a' gceird atá air. A' mbeadh fhios ag aon duine beo, cé'n chaoi a maireann sé chor a' bith." "Dar liom fhéin, go mb'fhearr do dhuine beo i dtalamh, ná a bheith ag iarraidh a' bheith coinneál chocaireachta leis a' gcailleach is máthair dó." "B'fhearr liom beo i dtalamh ná a' breathnú air. Scrúdfadh sé na clocha glasa — scrúdfadh sin." "B'fhearr liom beo i dtalamh ná a' breathnú ar do leithide ag obair. Chuirfeá múisc ar ghadhar." "B'fhearr dhó beo i dtalamh, nó a bheith ag iarraidh a bheith baint ceart de'n raibiléara mná atá aige." "Cheapfainn fhéin ar aon-chor, go mb'fhearr do dhuine beo i dtalamh, ná a bheith ag dul trí mhíle a' deanamh bóthair, ar an aimsir seo." "B'fhearr liom beo i dtalamh nó a' gabhailt de chloca ar mo chuid ceirteachaí, ná a bheith sa gcruth a bhfuil Séamus — reicthe ag paca ban."

Duine beo, fear beo, lá beo, oidhche bheo, fód beo,
béal beo (geinealach an bhéil bheo etc.), súil bheo, feoil bheo,
iasc beo, iall bheo, aithinne beo, gaineamh beo, airgead
beo etc.
"'Tairg biadh do dhuine bheo, a's mara n-ithe sé, leigfeadh sé dhó'"
[sean-fhocal]. "Dheamhan neart aghamsa ort, mara n-ithe tú é.
Ar chuala tú ariamh é: 'tairg biadh do dhuine bheo, a's mara n-ithe
sé é, leigeadh sé dhó'"
Duine beo = duine ar marthainn; aon-duine.
"Níl duine 'bith beo chomh h-olc leis" = níl aon-duine faoi'n
saoghal chomh h-olc leis; sé'n duine is uilce faoi'n mbogha
bán é." Níl duine bith beo chomh cabach leis."
"Ní fhaca mé aon-duine beo atá chomh gortach leis,
faoi'n rud a bhío(nn)s aige" "Níl fear a' bith beo a dhéanfadh
a leithide sin de chleas, nar mhaith an aghaidh air é 'chrochadh."
"Níl aon-bhean beo, is béalráidighe ná í." "Ní raibh aon-
mhac beo ab fhearr dhá athair a's dhá mháthair ná é." "Níl aon-
chailín beo is lughar liom ná í — níl sin." = "sí'n cailín is lughar
liom beo í." "Níl aon-bhó beo, is fhearr a' tál bhainne
ná í." "'Sé'n duine is fhearr beo é do'n chomhursa."
"Sé'n fear is fiuntaighe beo é." "Sí'n ropaire is
droch-mhúinte beo í." "'Sé'n sagart is lághaighe beo é."
"'Sé'n duine is soighleasaighe beo é, do'n té a mbeidh aon-
bheann aige air." "'Sí'n gearrchaile is barrainnighe
beo í, i gceann tighe." "Deirimse duine cruadh leat,
ach siúd é is cruaidhchte beo." "'Sé is anglánta beo,
má chuireann tú caidéis a' bith air." "'Sé'n
fear is stuama beo é, aindeoin nar chuir sé a théarma
isteach ariamh le ceird." "'Bhfuil créatúr a' bith beo chomh
taghdach leis?" "Níl aon-chréatúr beo is mó a
mbeadh truaighe agad dó anois leis. Dheamhan fata ná
meacan aige le n-ithe ná le cur i dtalamh." "Níl
créatúr a' bith beo, is fhearr atá a' saothrú an
tsaoghail leis — an duine bocht." "Níl aon-dithreabhach

beo, is mó díol truaighe ná é anois." "'Bhfuil dithreabhach a' bith beo, is mo faitchís ná í. Ní mheasaim go bhfuil." "Níl aon-anglóir beo go dtí é." "Má tá amhlóir a' bith beo, is measa ná é, is truagh do'n áit a bhfuil sé ann." "Níl gaduidhe beo ionchurtha síos leis. Ghoidfeadh sé an ubh ó'n gcarr a's an chorr 'na diaidh." "Níl aon-sclaibéara beo, is measa ná é." "Níl aon-duine beo de'n dream céadna, nach mara chéile atá" = níl duine ar bith. "Dheamhan póilidhe beo sa mbearraic, nach raibh thuas ann a' tóruigheacht, ach má bhí fhéin, níor eirigh tada leo(b)." "Dheamhan gasúr beo ar a' mbaile, nach ann a bhí." "Dheamhan thiomanta bó beo a díoladh ar an aonach." "Níl aon-chearc beo, is mó a rug uibheachaí ná í sin." "Dheamhan laogh beo is fhearr a fuair cinnireacht ná'n laogh sin, a's má seadh fhéin, is beag (dh)e smais atá air." "Tagann sé annseo 'chuile lá beo." "Níl aon-lá beo nach mbíonn sé ag a' scoil." "Sin í a cheird anois, 'chuile mhaidin beo." 'Chuile oidhche is ann a bhío(nn)s sé ar cuairt." "Sin í a cheird — ag imirt chártaí — 'chuile oidhche beo." "Níl aon-tseachtmhain beo nach bhfaghaim leitir uaithe" = "níl aon-tseachtmhain 'san aer nach bhfaghaim leitir uaithe." "Is ann siar atá a tharraingt, 'chuile Dhomhnach beo." "Níl aon-bhliadhain beo, nach gcuireann sí chúig phunt chuige as Ameriocá. Nach hí atá go maith dó 'na dheidh sin?" "Dheamhan ráithe beo, nach dtarraingeann sé a dheich bpunt pinsean, a's má tharraingeann fhéin, is olc a' rath a chuirea(nn)s sé air." "Níl aon-trathnóna beo, nach dteigheann sé ag ól a phionnta. Amanntaí teigheann sé chuig a' teach ósta dhá cheann de ló." "Dheamhan maidin beo, nach n-eirigheann sé ag a' sé a chlog — samhradh a's geimhreadh." "Níl aon-uair beo ab fhearr liom fataí ná ag dul a chodladh dhom." "'Chuile uair beo dhár labhair mé leis faoi, badh é an freagra céadna a

fuair mé." "Níl aon-tseachtmhain beo, nach gcaitheann sé coróin ar 'fags' (: tuitíní)" = "níl aon-tseachtmhain dá n-eirigheann air etc." "Dheamhan lá beo, nach shin é an leath-rann atá aige." "Ní bhíodh bliadhain beo roimhe seo, nach mbíodh ceapach oinniún curtha aghainn, ach tá'n dream óg ag eirghe asta(b) ar fad. An iomarca leisce, is dóigh!" "Dheamhan áit beo nar thóruigh mé, a's chinn orm é fhaghail 'na dheidh sin." "Níl sé le faghail in aon-áit beo." "Chuaidh sé is 'chuile áit beo, a's ní raibh tuairisc le faghail aige, in aon-áit." "Tóruigh 'chuile áit beo, a's b'fhéidir dhuit é 'fhaghail as a dheire." "Má tá aon-áit eile beo mar an áit seo, is iongantas é. Ní chomhairim go bhfuil." "Meastú 'bhfuil aon-áit beo nar shiubhail sé?" "Má tá aon-deor le faghail in áit a' bith beo, gheobha sé siúd é, nó ní cheal a shaothruighthe é, 'chuma 'r bith." "'Bhfuil áit a' bith beo is duibhe ná'n áit seo." "Chaith sé 'chuile phighinn beo dhá raibh aige. Tháinic sé abhaile a's gan an oiread aige a's a dhéanfadh torann ar leic." "Dheamhan pighinn beo, ná cuid de phighinn a' gabhail liom anois." "Thug mé 'chuile phighinn beo dhá raibh agam dó. Bhí mé a' ceapadh go mbadh mhó an scéal é ná mé fhéin." "Bhí chuile phighinn beo dhá raibh aige tugtha uaidh aige. Cailleadh é, a's gan luach a bhéilí aige." "'Bhfaca tú aon-teach beo, is mó fraighfhliuchais ná é!" "Níl aon-teach beo ba ghnaoidheamhla le dhul isteach ann, leis a' teach sin tamall." "Ní fhanócha in aon-gharrdha beo ar a' mbaile, nó 'mbeadh fhios aghad cé'n smál atá orra chor a' bith?" "Dheamhan teach beo istigh ar a' mbaile nar shiubhail sé, ach badh é an cás céadna dhó é." "Níl aon-teine beo is teocha na teine mhóna, má bhíonn móin cheart ann, ach maidir leis a' spaidealach atá suas annsin, ní fiú anró 'bith a fhaghail uaithe." "Dheamhan éadach beo is buaine ná'n ceann-asna, a's in a dhiaidh sin fhéin, nach beag a' mheas atá anois air?" "Níl aon-bhróig beo, is lugha a dhéana(nn)s caitheamh ná'n cineál sin, agus is mór a tóir atá ag daoine 'na dhiaidh sin orra(b)."

"'Chuile fhear beo a's a bhean fhéin aige. 'Níl go dona ann ach a' té atá gan corrán' mar deir a' fear fadó." = "'chuile fhear ariamh aca(b) etc." "Tá 'chuile leabhar beo dá bhfuil aige stróicthe." "Níl cearc beo a' gabhail liom" = "níl cearc ariamh agam." "Níl cathaoir beo sa teach nach bhfuil briste." [féidir é chuir le ainm-fhocal a' bith mar seo]. "Ní fhágfa mé iall bheo ionnad" = marbhócha mé amach a's amach thú = giorrócha mé leat; déanfa mé aon-lá amháin díot; déanfa mé do chreach. "Mara leige tú de do chuid gnaithí, ní fhágfa mé iall bheo ionnad. Sin é an chaoi a mbeidh sé aghad." "Má tharraingeann tú ort é siúd, dheamhan iall bheo a fhágfas sé ionnad." "Siúd é an droch-éadáil le caidéis a' bith a chuir air. Dheamhan iall bheo a d'fhágfad sé induine, dhá dtugadh sé faoi chor a' bith." "Bhí sé a' gabhailt air, nó nar fhága sé aon-iall bheo ann." "Siúd é nach bhfágfadh aon-iall bheo ionnad, dhá mbeadh a' taghd cheart air. Is measa é na ubhall na h-aithne." "Bhí rún aige gan aon-iall bheo a fhágáil i Seáinín, marach an chaoi ar eirigh le M. T. G. é 'thárrtáil air." "Fhobair ar fhága an máighistir iall a' bith beo indé ann, a's mara bhfágadh fhéin, ní dhéanfad sé leath 'chirt leis. Peaitín ámhuilleach é sin!" "Ní fhágfa mé iall beo dhíot, mara ndéana tú comhairle t'athar a's do mháthar." "Faraor ar fhága sé iall a' bith beo ionnad, mara beag a theastuigh uait a dhul isteach in a chrann spíonáin." "Níl aon-iall bheo ionnam leis an ocras" = "tá mé igcruth an bháis leis an ocras." "Is gearr nach mbeidh iall bheo ionnam, le neart ocrais." "Dheamhan iall bheo ionnam ag a' slaghdán. Tá mé tugtha ceart aige." "Buaileadh an oiread air, a's nar fágadh aon-iall bheo ann. Shíl 'chuile duine nach dtiocfadh sé as, a's breagh go dtáinic 'na dheidh sin." "'Má fheicim amuigh aríst choidhchin thú, an tráth seo d'oidhche' adeir a' t-athair léithe, 'ní fhágfa mé iall bheo ionnad'. Brúisc cheart é siúd." "Má fhaghann a' máighistir amach orainn é, ní fhágfa sé iall bheo ionainn. Ach ní bhfuighe, mara n-innsighe aon-duine de na gasúir bheaga dhó é."

"Níl aon-aithinne beo sa teine" = tá sí uilig as. "Má tá aithinne 'bith beo innte, b'fhéidir go ndeargfadh sí fós, ach í 'shéideadh a's réidh an achair a thabhairt di." "Tá aithinne bheag bhídeach beo istigh in a lár, ach níl sí ach beo ar éigin." "Má tá aon-dé chor a' bith beo innte, deargfa an choinneal a's an siúcra í."
"Ní raibh aon-aithinne beo sa gcoigilt ar maidin, arae níor chuir sib aon-chuma choigilte uirre aréir, ach na fóide a chaitheamh ar a rogha caoi." "'Bhfuil fód a' bith beo innte?"
"Séid a' fód beo sin, a's b'fhéidir dhi lasadh." "Dhá mbeadh caorán a' bith beo sa teine, b'fhéidir gur gearr a' mhoill a bheadh uirre, ach sílim dheamhan é."
"Tá súile beo aige" = "súile friochanta" (: freochanta, freachanta) = "ní súile marbha atá aige": leagan súl a bheadh luaithneach nó grinn. "Níl a shúile siúd marbh. 'Siad atá beo!"
"'Bhfaca tú na súile beaga beo atá aige." "Is maith beo an tsúil atá aice." "Is aige atá na súile beo, friochanta." "Is beag a bheidheas in aon-áit ingan fhios dó siúd. Tá dhá shúilín bheaga bheo aige."

an fód beo: fód an-fhada síos sa talamh: an fód fiadháin; fód nar corruigheadh cheana; fód nach mbeadh spíonta de bharr cuir
"Cuir aníos an fód beo." "Chuaidh sé go fód beo leis a' gclaise." "Is maith é an fód beo sin. Tá tabhairt ann." "Ná bac leis a' bhfód beo a dhuine! Chuaidh sé go talamh iochtair." "Cuir isteach a' fód beo i lar a' bhuird."
"Is leasú ann fhéin é an fód beo sin, má theigheann tú sáthach fada síos leis." "Is beag a' maith é an fód beo fhéin 'sna taltaí tanuidhthe seo. Bíonn sé spíonta chomh maith leis an uachtar." "Sé'n fód beo a chuirea(nn)s tú aníos a's thú a' lánú: Tá a shliocht air: 'bhfeiceann tú an barr a chuir-ea(nn)s sé ar a' talamh in imtheacht achar gearr." "Cuirfe an fód beo sin anois a sean-eire dasachaí (: gasachaí) orra(b). Sin é an buachaill aca(b)." "Dhá dteightheá sáthach domhain leis a' bhfód beo, mise imbannaí, nach mórán láin a d'iarrfaidís, ach níor chuir tú isteach a' chlaise sáthach maith chor ar bith."

airgead beo: cineál lachta ar dhath a's ar chruth an airgid, ach go sciorradh sé ó do mhéarachaí. (: quicksilver).

gaineamh beo: gaineamh téalta: gaineamh meath-gharbh a bhíos ar cholbhthachaí trághann, nó i meath-dhúirlingeacha. Théaltóchad sé nó sciorrfadh sé ó do chosa nó thríd do chrúba.
"Tá gaineamh beo annseo." "Bhí sé chomh maith dhuit ladhar gainimh bheo a bheith agad leis sin. Ní féidir aon-ghreim a choinneál air." "Tá go leor gainimh beo sa dúirling sin thíos." "Dhá mbeadh cupla mála gaineamh bheo caithte ar a' tsráid sin, ba mhór a' slacht a's a' ghlaineacht uirre é"
"Tá sé fánach agad a dhul dhá thóruigheacht sa ngaineamh beo sin anois, nuair nar choinnigh tú greim air, a's é agad."
"Bhí an gaineamh beo atá annsiúd, a' sciorradh ó mo chosa." "Chinnfeadh ort an gaineamh beo sin a thárlú leat ar bhealach a' bith ach le máilín. Ar a' gcaoi sin fhéin, is deacair é 'líonadh sa máilín fhéin." "Dhéanfadh an gaineamh beo sin muirtéal maith, dá dtóigtí 'san áit cheart é." "Ní fheicfeá gráinne 'bith gaineamh beo 'sna trághannaí sin siar anois, a's feicthear dhom go raibh sé ann fadó, mara bhfuil mé ag dul amudha." "Chuaidh gaineamh beo, faoi na shúil an lá faoi dheire, a's iad a' déanamh spraoi ar a' tráigh, a's shílfeá go bhfuil sí dúinte aige ó shoin. Is olc an éadáil é an gaineamh beo sin le dhul faoi shúil duine. Tá sé cruadh géar."
"Seachain, dia aithnighthear, a' gcuirfeá an gaineamh beo sin faoi shúil a' chinn eile! Ná bí dhá chaitheamh chor a' bith leis." "Chomh luath a's a tháinic siad isteach ó shnámh, tháinic siad aníos i mbun na dúirlinge, a's thosuigh dhá n-ionnfairt fhéin sa ngaineamh beo. Dheamhan snáth a bhí orra(b) ach an oiread leis an oidhche a (: ar) rugadh iad." "Tá'n gaineamh beo te bruithte indiu."
"Dheamhan caoi beo is fhearr le na dhéanamh, ná mar sin."
"Níl caoi beo is fhearr duit, ná é 'ghlacadh go réidh:
Má theigheann tú 'un droch-mhúineadh leis, ní bhainfe tú ceart a' bith dhe."

Iasc beo = drithlíní a d'aireochthá anois a's aríst a' preabadh nó a' giolcáil idir fheoil a's leathar ionnad. Is iomdha ball dhíot a mbeadh sé.

"Tá iasc beo ionnam." "Airighim iasc beo a' giolcáil in mo cheathramha." "Meastú cé'n fáth an t-iasc beo seo a bheith a' léimneach i mo chois?" "Ní iasc beo é sin chor a' bith ach pianta fáis." "Deir siad dhá sáiththi biorán ionnad 'san áit a mbeadh a' t-iasc beo, go dtiocfadh do cuid fola as éadan. Ní thiocfad sí mara mbeadh a' t-iasc beo ann faoi láthair." "Airighim drithlíní eicínt i mo chorróig, maran iasc beo a bheadh ann, ach feicthear dhom nach h-eadh." "Is aisteach a' rud é an t-iasc beo sin fhéin. Ar airigh tú ionnad fhéin ariamh é?" "Bhí mé cruptha suas mar sin ar feadh na h-oidhche, ach nuair a fuair mé fáill ionntú ar a' taobh eile, d'airigh mé iasc beo a' teacht aníos thrídh mo chorróig, a's shíl mé go dtiocfad sé amach thríd mo chraiceann, bhí an oiread sin léimnighe aige." "Níl dochar a' bith annsin a leain(bh)ín. Iasc beo é sin. Bíonn sé ar chuile dhuine beo, uair eicínt." "Iasc beo! Chaithfead sé gur ionnadsa atá an t-iasc beo ar fad, a's nach bhfuil tada dhe in aon-duine eile." "Cé'n mhaith dhuit a bheith dhá scríobadh. Ní dhíbreocha sin a' t-iasc beo." "Is diabhaltaidhe an tóir atá ag an iasc beo ortsa fharras aonduine. Níl de leathrann agad ó mhaidin go faoithin ach iasc beo. Ó thárla nach bhfuil aon-dochar ann, tuige a mbíonn tú a' bodhrú na ndaoine a' cainnt air! Nach thú an sean-pháiste againn!" "Níor chodail mé néal ar feadh na h-oidhche aréir. Bhí iasc beo liom ar feadh na h-oidhche, aindeoin go sílfeá nach gcoinn-eochadh sin duine ó chodladh". "Seachain dia aithnighthear! Deir siad, dá gcuirtheá biorán thríd an áit a mbeadh a' t-iasc beo ionnad, nach bhfanfadh deoir fhola ionnad nach dtiocfadh."

"Feoil bheo" = beithidhigh, muca, caoirigh, nó aon-chineál eallaigh (a's iad ag eirghe leat)

"Go méaduighidh Dia feoil bheo a's daoine slána aghainn (agaibh etc)." = beannacht nó guidhe adeirtear th'réis feola a ithe idteach comharsan, nó dhá mbeithí a' cainnt ar eallach, nó ar bhris a d'eireochadh do dhuine eile idtaobh eallaigh. Ach le béilí feola a altú é, go h-áithrid.

"Go méaduighe dia feoil bheo a's daoine slána, a's nar fheice Dia feoil anachain aghainn." "Is fadó an lá cheana nar ith mé béilí feola chomh deas sin. Go méaduighe Dia feoil bheo a's daoine slána agaibh, a's ag 'chuile duine eile."

"Ba mhaith iad 'chuile lá ariamh faoi'n a gcuid feola. Go méaduighe Dia feoil bheo, a's daoine slána aca(b), a's ag chuile chréatúr eile." "Is fhearr do dhuine í 'mharbhú (muc) dhá dheoin fhéin, ná caitheachtáil í 'mharbhú (: le tinneas). 'Go méaduighe dia feoil bheo, a's daoine slána aghainn'." "Ó thárla í bheith de bhiseach orainn, mharbhuigh muid caora do Mhártan (: in omós na Féile Mártan) imbliadhna. 'Sé'n ceart é, má bhíonn do chuid ag eirghe leat. 'Go méaduighe Dia feoil bheo a's daoine slána againn fhéin, a's ag 'chuile dhuine eile'."

"'Ní sheo í an fheoil ab fhearr linn dá mbeadh neart air. Ach céard tá le rádh aghainn, ach 'go méaduighe dia feoil bheo a's daoine slána', a's go bhfága Dia a chuid fhéin ag 'chuile chréatúr'." [B'éigean an mhuc a bhíothas 'ithe a mharbhú, arae facthas go raibh tinneas na muc a' teacht uirre]. "Níor mharbhuigh sé muc ná mart ná caora ariamh, nach roínnfeadh sé le 'chuile dhuine ar a' mbaile í. Bhí sé an-chóir ar a' mbealach sin. Ro-chóir, go minic, b'fhéidir, arae is iondamhail go mbíodh sé fhéin ar deire. 'Go méaduighe dia feoil bheo a's daoine slána' aige, arae is maith an aghaidh sin air."

"Má mharbhuigh muid muc do Mhártan fhéin, tiubharfa dia muc eile dhuinn in a leaba, le congnamh dé. 'Go méaduighe dia feoil bheo, a's daoine slána againn."

Béal beo = béal nach mbeadh in a chomhnuidhe; béal nach mbeadh marbh; béal a mbeadh ruibh na cainnte air; béal nach mbeadh in a thost.

"Geinealach an bhéil bheo" = "mac an bhéil bheo" = "mac an aoin bheo" = "mac na sceiche" = "críostuidhe an bhéil bheo" = "firnéad an bhéil bheo" = "firnéad an aoin bheo." [Faoi Chonamara siar is mó a baintear leas as "geinealach an bhéil bheo". Tá'n chuid eile coitchiannta ar fud Chonamara fré chéile].

"Ní raibh geinealach an bhéil bheo ann" = "ní raibh duine ná deoruidhe ann." = "ní raibh mac na sceiche ann" = "ní raibh aon-duine ann." [Measaim gur "sceithche" nó "sceithighe" an leitriú ceart air seo, as nach bhfuil baint ar bith aige le "sceach". "Mac na sceithighe" = duine a sceithfeadh nó a d'innseochadh rún, nó mbeadh cainnt aige, nó é beo, le rud a innseacht. Tá sé a' luighe le réasún. Cuir i gcoimmeas é le "geinealach an bhéil bheo", "críostuidhe an bhéil bheo etc."].

"Dheamhan geinealach a' bhéil bheo a bhí ann, cé's moite dhom fhéin." "Ní raibh geinealach a' bhéil bheo agam, le blas a dheanamh dhom." "Dhá mbeadh duine 'bith ann, ach dheamhan geinealach a' bhéil bheo a bhí ann, le dhul in éindigh liom." "Ná h-innis é sin anois do gheinealach a' bhéil bheo." = "Fainic a' labhróchthá le geinealach a' bhéil bheo, ar a' méid sin." "Dheamhan geinealach a' bhéil bheo anois aige, le fad méire 'dhéanamh dhó, ach 'réir mar gheobhfas sé fear ar a lá páighe." "Ní raibh an oiread uaignis ariamh orm, arae dheamhan geinealach a' bhéil bheo a bhí ar a mbóthar, a's shílfeá nar cheart dó a bheith an-deireannach." "Dheamhan geinealach a' bhéil bheo as d. l. a bhí ann, a's b'annamh leob, nach a' seasamh ar a chéile a bheidís, in áit de'n tsórt sin." "Chaith mé seachtmhain ar a' luighe chuig ["heig" an fhuaim. chuige?] istigh 'san ospuidéal, a's dheamhan geinealach a' bhéil bheo (: ó'n mbaile) a thaobhuigh mé ar a' bhfad sin." = bhí mé seachtmhain

in mo luighe tinn ann, a's níor tháinic deoruidhe ó'n mbaile dom' fhéachaint an t-achar sin. "Dheamhan geinealach a' bhéil bheo istigh ar a' mbaile a bheannóchadh dó, ná a thaobhóchadh é anois. Tá 'chuile dhuine gránuighthe air anois, a's ní h-iongnadh dhóib." "Ní bhfuigheadh sé geinealach an bhéil bheo anois, le comhluadar a thabhairt dó. Tá fhios ag 'chuile dhuine cé hé fhéin." "Ar a' dá luath a's ar bhain a' bheirt amach 'un achrainn, bánuigheadh a' teach. Geinealach a' bhéil beo fhéin, níor fhan istigh, cé's moite de'n chúpla aca(b) fhéin." "Is furasta dhó sin a bheith a' cainnt, a's nach bhfuil geinealach an bhéil bheo le beathú aige, ach é fhéin." "Bhí mé in an-chaoi chríochnuighthe, a's gan geinealach an bhéil bheo, fhoisceacht fáir na freagra dhom." "Ní raibh geinealach a' bhéil beo ag a' scoil indiu, cé's moite de'n mháighistir a's de'n mháighistreás. Dheamhan a raibh sé ionrásta ag aon-ghasúr a theacht ar aon-chor, le na raibh de shneachta ann."

"Ní thiocfadh críostuidhe an bhéil bheo amach anocht. Ní oidhche in eolta í." "Níor casadh críostuidhe an bhéil bheo liom i mbóthar ná imbealach, go dtáinic mé abhaile aríst."

"Ní bhfuigheadh críostuidhe an bhéil bheo ina chlaonta a leithide de chleas a dhéanamh ar dhílleachta bhocht lag, ach níl scruball a' bith in a chroidhe siúd." "Ní raibh críostuidhe an bhéil bheo ar a' tórradh, ach iad fhéin fhéin."

"Dheamhan críostuidhe an bhéil bheo ag dul isteach ná amach in a shiopa anois. Sin é an gléas air!" "Ní bhfuair sé críostuidhe an bhéil bheo le dhul in aoinfheacht leis. B'éigean dó fhéin bóthar a bhualadh!" "Dheamhan críostuidhe an bhéil bheo a bhí ar phortaigh indiu, cé's moite dhuinn fhéin le féar a bhí 'chuile dhuine indiu is cosamhail." "Ní fhágfa mé críostuidhe an bhéil bheo agaibh beo, mara n-eirighe sib as 'ur gcuid míoladóireacht." "Dheamhan críostuidhe an bhéil bheo aca(b), nar thug sé an tsráid amach dhó. Bánuigheadh a' teach d'aon-iarraidh." "Dheamhan

críostuidhe an bhéil bheo a chonnaic mé le dhá lá. Bhí mé ag obair annsiúd ingan-fhios de'n tsaoghal." "A thighearna, nach uaigneach an áit a bhfuil sé, amuigh ar an oileán sin, a's gan críostuidhe an bhéil bheo a fheiceál ó bhliadhain go bliadhain." "Tá sé in a chomhnuidhe idteach maoir isteach faoi'n sliabh, a's dheamhan críostuidhe an bhéil bheo a fheicea(nn)s sé ó sheachtmhain go seachtmhain." "'Amuigh ar shliabh uaigneach, a' buachaill-eacht beithidheach a bhíodh buachaill bó Shliabh Luachra. Dheamhan's móide críostuidhe an bhéil bheo a d'fheiceadh sé ó bhliadhain go bliadhain. Annsin lá amháin, chonnaic sé seala ag dul thairis … etc." ["Buachaill Bó Shliabh Luachra"]. "Is bocht a' rud do dhuine a shaoghal a chaitheamh mar sin, a's gan críostuidhe an bhéil bheo a fheiceál, ó mhaidin go faoithin ná ó oidhche go maidin." "Ní theigheann críostuidhe an bhéil bheo amach 'sna bólaí siúd, mara dteigheadh lucht caorach go díreach, a's tá mé 'ceapadh gur annamh a theighea(nn)s siad sin fhéin, chomh domhain sin faoi shliabh." "Ní fheicfeá críostuidhe an bhéil bheo ar a' tsráid ann Dia Domhnaigh. Dheamhan corruighe amach ar bith a dhéana(nn)s siad ar a' Domhnach. Sin cuid dhá gcreidimh, chomh maith le 'chuile shórt eile." "InDomhnach bhí an áit bánuighthe romhainn. Ní raibh an oiread a's críostuidhe an bhéil bheo ann." "Ar a dhul isteach sa séipéal dhom indiu, ní raibh críostuidhe an bhéil bheo istigh romham, a's maidineachaí eile, bheadh sé lán. An droch-mhaidin a rinne é, is dóigh." "Dhá mbeadh críostuidhe an bhéil bheo fhéin ann, ach ní raibh!" "Ní raibh críostuidhe an bhéil bheo aca(b), nach mara 'chéile 'bhí." "Níl firnéad a' bhéil bheo istigh romhat." "Dheamhan firnéad a' bhéil bheo ó Chois Fhairrge a chuaidh soir indiu, a's b'annamh leo(b)." "Má chloisimse go dtiocfa firnéad a' bhéil bheo agaibh a (= do?) chongnamh dhó, gheobha sib garbh é, feicfe sib fhéin air." "Níor fhan firnéad a' bhéil bheo aca(b) liom. B'éigean dom a theacht abhaile asam fhéin, trí mhíle bealaigh. Ach beidh a shliocht orra(b): déanfa mise an cleas

céadna leo(b), uair eicínt eile." "Má fheicimse go dtaobhócha firnéad a' bhéil bheo agaibh an teach sin aríst, níl aon-ghnaithe aige a theacht abhaile. Fanadh sé ann má's breagh leis é." "Níl firnéad a' bhéil bheo agaibh, nach mara chéile atá. Dheamhan ceachtar agaibh le baint as margadh, hébrí cé leis a ndeacha sib chor a' bith." "Dheamhan firnéad an bhéil bheo aca(b) a fuair obair ar an mbóthar, a's tá beirt a's triúr as a' teach as a' mbaile seo thoir ag obair ann. Neart fabhair a mhic ó! Is maith é an fabhar!" "Níl firnéad an bhéil bheo díob le baint as margadh. 'Aon-mhuinntir amháin iad muinntir Árd-Raithin' mar adeireadh P. Mh. fadó, a's é a' sciolladóireacht ar na cliamhaineachaí." "Ní raibh firnéad a' bhéil bheo acab, ó dhuine liath go leanbh, nach raibh amuigh in mo dhiaidh. Deir tú gurb ait a chruthaigh mé a's na h-aodha a thabhairt uatha(b) chor a' bith." "Dheamhan firnéad an bhéil bheo sa mbaile anois, nach bhfuil le gliomadóireacht. Is cosamhail go bhfuil iarmhuis mhóra le baint aisti, marach a' sclábhuidheacht atá léithe." "Níor labhair mac an bhéil bheo aca(b). Shílfeá gur faitchíos a bhí orra(b) labhairt." "Dheamhan mac a' bhéil bheo ar a' mbaile, nach bhfuil bacach nó caoch nó éalang eicínt air. 'Sé'n baile is baramhla beo é — 'sé sin." "Dheamhan mac a' bhéil bheo, istigh ar a' mbaile sin, a fuair aon-fhoghluim ariamh. Bhí an scoil ro-fhada uatha(b) — ceithre mhíle bealaigh." "Dheamhan mac an bhéil bheo aca(b) a labhróchadh, nó cuid de labhairt, a dhéanfaidís." "Ní feasach mé go ndeacha mac an bhéil bheo, as a' tamhna(igh) chéadna ariamh go Ameriocá. B'fhearr leo(b) fanacht sa mbaile, a' mucaireacht leo(b)."

Beo = [ainm-fhocal] = áit a n-aireochthá pian, dá dteigheadh aon-cheo thríd; an áit dhíot a bheadh so-ghortuighthe.

Beo na coise = isteach go maith sa gcrúib, i gcapall nó i mbó.

Beo na h-iongan = isteach faoi'n iongain: d'fhéadfaidhe rud a chur thríd an iongain fhéin a's ní aireochthá go dteighead sé sa mbeo.

"Fan amach ó bheo na coise" (nó na crúibe — crúb chapaill nó bó, nó caorach). "Seachain beo na coise." "Is fada isteach fhairis sin beo na coise." "Ná teang(mh)uigh le beo na coise, má fhéadann tú, chor ar bith é." "Chaithfeadh sé gur theangmhuigh mé le beo na coise, nó ní thosóchad sé ag gabhail dá tóin in áirde mar sin." "Má theigheann tú a' bearradh crúib an asail, fainic beo na coise." "Níl beo na crúibe fulannach ar thada." "Tá beo na crúibe leis, aice." "Dubhairt mé leat a bheith áirdeallach; a's gan a dhul in goireacht rud a' bith do bheo na crúibe." "Beidh moill uirre, shul a gcneasuighe sí muise, má tá tada ar bheo na coise." "Is diabhaltaidhe maith fada isteach a chuaidh tú, go ndeacha tú go dtí beo na coise." "Tá'n fleasc istigh i mbeo m'iongan, a's gheobha mé rud le déanamh é 'thabhairt amach." "Airighim a' corruighe istigh imbeo na h-iongan é. Diabhal bréag muise, nach hé atá tinn." "Tá méirín ar a' láimh aige, in áit a ndeacha fleasc isteach i mbeo na h-iongan, a's tá mé 'ceapadh go bhfuil an ionga scoithte aige. Ní fhéadfad sé gan a bheith" [féach "méirín", "fleasc"].

"Airighim driogannaí istigh imbeo m'iongan ó shoin." "Dar mo choinsias shaothruigh mise an mhéir sin. Scoilt an ionga go dtí an beo, a's dheamhan forus ná suaímneas a fuair mé uaithe in imtheacht coicíse le pian." "Tá méir bhocht air, in áit a ndeacha dealg isteach faoi an ionga, a's chuaidh sé sa mbeo." "Dheamhan a raibh de shiocair ariamh aige, ach bun eicínt a dhul i mbeo na h-iongan — sa ladhairicín — a's shéid sí suas, go raibh sí an aoirde sin slán a' tsamhail. B'éigean do na dochtúirí í bhaint dhe, arae dubhairt siad, go dtiocfadh a' droch-adhbhar suas thríd a' láimh, fré chéile."

"Chuir an gabha an táirnge sa mbeo (nó "imbeo")." = "thiomáin sé ro-fhada thríd a' gcrúib é, go ndeacha sé sa mbeo." "Chuir a' gabha tairnge i mbeo innte indiu." "Mara bhfana sí socair, tá faitchíos orm, go racha tairnge i mbeo innte." "An capall fhéin ba scionntaighe (: badh cionntaighe]. Ba mhaith a bheadh sé ar a mhaidí, nó chaithfeadh sé tairnge a chuir a imbeo innte." "Tá bacaighil uirre. Chaithfeadh sé go bhfuil tairnge sa mbeo innte." "Is beag le go bhfuil sí indon a cois deire a leagan ar a' talamh anois. Maran tairnge a cuireadh sa mbeo innte an lá faoi dheire, dheamhan fhios agham, céard é fhéin." "Ní féidir aon-chrúdh a chuir ar a' gcapall céadna, gan táirnge a dhul i mbeo." "Sí'n capall is contráilte í, dhár fhéach gabha ariamh le crudh a chuir uirre. Ní thagann táirm a' bith uirre, go dteigheann sé ar thiomáilt (: thiomáint) na dtáirngí. An lá faoi dheire a raibh cothrom cruidhthe ag gabhail uirre, chuir sé dhá thairnge sa mbeo innte, a's b'éigean dó a dtarraingt aríst ar ais." "Maran táirnge a chuaidh imbeo innte, dheamhan fhios agham céard a d'eireochadh di. Tá'n bhacaighil sin uirre, le gabhail 'un seachtmhaine." "Thóig sí cloch ghéar nó rud eicínt in a crúib, a's chuaidh sí imbeo." "Meastú bhfuil a' tairnge sin imbeo?" "Chuaidh an staic sin go beo innte." "Ba tairnge imbeo [sa mbeo] ionnam an chainnt a chaith sé" = ghoill a chuid cainnte orm" = "chuir a chuid cainnte múisiam orm" = "ba gheall le puis de sciain thríom a chuid cainnte." "(d)Ar ndóigh, mo léan, ba tairnge imbeo sa gceann eile an méid sin a shamhlú léithe!" "Is táirnge imbeo i Seán, an scéal sin a tharraingt anuas aige beag ná mór." "Is geall le tairnge imbeo ann, tada a rádh chor a' bith faoi'n oidhche sin. Ghoill sé an-mhór air." "Is táirnge imbeo ceart ínnte muis, 'leigint ort fhéin go raibh fhios aghad tada faoi sin." "Má dubhairt sé an méid sin, muis, chuir sé táirnge i mbeo

ceart ann. Rud is lugha ná sin, chuirfeadh sé múisiam air."
"Chuir sé an táirnge sin imbeo muis, má thrácht sé chor a'
bith ar a' gcliamhain." "Is furasta tairnge a chuir i
mbeo 'sa gceann céadna. Tá sí íogmhar pusach, as
beagán acmhúinn' aice ar thada a rádh léithe."
"Bhí tú 'cur táirngí imbeo anocht go tréan — bhí tú
sin" = "bhí tú a' tabhairt gobannaí uait as éadan." = "bhí tú
a' leagan isteach sáithteán as éadan" = "is iomdha priocadh a
thug tú uait anocht." "Chuir sé an sáithteán (an gob,
an priocadh etc.) sa mbeo (i mbeo)." = ghoill sé ar a'
té ar dhubhradh leis é. "Aon tsáithteán a thiubhras sé
siúd uaidh, cuirfe sé imbeo é. 'Sé atá deas air."
"Má thugann sé sáithteán a' bith uaidh, cuirfe sé imbeo é."
"Is maith uaidh gob a chuir imbeo" = "tá sé indon
sáithteán a thabhairt uaidh, a ghoillfeas nó a chuirfeas
muisiam ar dhuine." "Ná h-iarr in a dhiaidh siúd é.
'Sé atá indon an priocadh a chuir imbeo."
"Chuaidh an chainnt sin go beo ionnam" = ghoill sí orm;
spreag sí mé; chuir sí muisiam orm: "Níl aon-smid dhár
dhubhairt a' misinéara, nach smid í 'chuaidh imbeo
ionnam." "Chuaidh an chloch go beo ionnam" = tholl
sí mo chois, nó gur ghortuigh sí mé idir fheoil a's
leathar. "An greim a d'ith mé, chuaidh sé go beo isteach
in m'fhiacail a's bhuail doightheachaí mé, a's dheamhan
forus ná suaimneas a thug siad dhom aríst i
gcaitheamh na h-oidhche." "Chuaidh an phian go beo
ionnam." "Sháith sé biorán ionnam, a's chuir sé isteach
sa mbeo ar fad é."

Beodhas, Beodhacht, Beodhchan: ainm-fhocla.
Beodhas, Beodhacht: a bheith beodh; a bheith bíodhgamhail, bruideamhail nó beo éasca; a bheith gusamhail; a bheith storramhail, aigeanta.
Beochan (Beodhchan): beagán; árdú; riar beag; siolla.

"Níl beodhas a' bith ann (beodhacht)" = níl sé gusamhail; súm sám é; ní chuireann sé cor a' bith dhe; tá sé in a bhás; is roigheanadóir é; tá sé caillte, nó ionann's é. "Dheamhan beodhas a' bith sa gcodaidhe sin fharra's aonduine dhá bhfaca tú ariamh." "Bíodh beodhas eicínt ionnad uair eicínt, a's ná bí ag imtheacht in do bhás i gcomhnuidhe mar sin." "Fuair tú amach an té a mbeadh beodhas ann muis" "Dheamhan beodhas a' bith sa gcréatúr údaidh, le bheith indon imtheacht, ná cuid de bheodhas." "Tháinic beodhas maith ann, deirimse leat, ar a' dá luath a's ar chuala sé 'cainnt ar a' damhsa." "Ní thagann beodhas a' bith ann, aon-uair, go réidhtighthear a' béilí. Tagann an-bheodhas annsin ann." "Ól a' braon tae seo, a's cuirfe sé beodhas ionnad. Tá ceart agad a bheith seactha leis a' bhfuacht." "Dheamhan beodhas a' bith ionnam ó bhuail a' ruaig seo mé." "Níl beodhas a' bith 'sna daoine anois, ag a' sioc." "Teánn anuas leis a' teine a's cuirfe sí beodhas ionnad, th'éis na h-áite amuigh." "Marach a' fuisce, ní chuirfeadh muid beodhas a' bith ann." "Is mór a chuaidh an slaghdán thríd. Dheamhan beodhas a' bith a d'fhága sé ann." "Beodhas beag a bhí ann, 'san am a raibh siad siúd réidh leis. Ba dallba an tuairteáil a thug siad dó" = ní raibh ann ach go raibh sé beo, nuair a bhí siad réidh leis. "Bíodh beodhas ionnad" = corruigh amach; cuir crudh in a thosach; bí beo nó éasca leis an obair (leis a' siubhal etc). "Is mairg dhuit nach mbeadh beodhas eicínt ionnad fhairis sin" = thú a bheith bruideamhail, nó gusamhail. "Deirimse leat go gcuirfe an áit siúd beodhas ionnad, thar mar tá tú!"

Beodhchan (beochan): "Tá beochan maith gaoithe" = siolla maith gaoithe; riar maith gaoithe; é béal-gharbh. "Is deas a' beodhchan gaoithe atá ann, ó árd-trathnóna." "Má sheasann a' beodhchan seo linn, is gearr a bheidheas muid dhá shrianadh siar" [bádóirí a raibh leide córach aca]. "Is fhearr a' beodhchan sin fhéin, ná é 'bheith in a théigle ar fad." "Dheamhan mórán is fiú do'n fhéar an beodhchan gaoithe seo. Dá neartuigheadh sí, déarf-ainn rud eicínt." "D'árduigh an-bheodhchan gaoithe bordáil a' lae — gaoth fhuar freisin."

"D’eirigh beochan deas gála, taca eadarshutha,
ach leig sé faoi aríst gan mórán achair.
Fhobair go ndearna na míoltógaí géara
cior-thuaithbhill dhíom trathnóna." "Tá beodhchan breagh gaoithe ag eirghe shílfeá. Dhá dtagadh farradh teann anois, 'sé a chuirfeadh rath ar a' móin."

"Bhí beodhchan deas gaoithe anoir ann indiu."

"Dheamhan a raibh ann ach beodhchan beag, i dtosach, ach neartuigh sí, go raibh sé in a ghála, a's in a gheal-stoirm as a dheire.
Tá mé 'ceapadh go mb'éigean do'n bhádóir
a chuaidh siar taca am dinnéir rith
cladaigh a thabhairt dó fhéin. Ní dhéanfad sé
choidhchin é in éadan na stoirme siúd."

"Is fuar a' beodhchan gaoithe atá ann anocht."

"Má bhíonn sé taobh le beodhchan, beidh an scéal go maith, ach tá faitchíos orm go n-eireocha sé in a stoirm théinte. Ní hé mhalrait de chosamhlacht atá air." "Is gearr go laga(idh) an beodhchan gála seo aríst."

Beodhchan teine: teine réasúnta; teine a bheadh a' cnádadh léithe; teine a bheadh a' tosuighe a’ deargadh. "Tá beodhchan deas teine thíos." "Is maith an beodhchan teine atá agaibh, bail ó Dhia oraibh." "Cuir síos beodhchan beag teine." "Ní raibh ann ach beodhchan beag teine ar a theacht isteach dhom, ach tá gliúrach (: gleorach) mhaith thíos anois." "Má shéideann tú an beodhchan beag sin fhéin, déanfa sí teine mhaith fós, feicfe tú fhéin air." "Ní bhíonn aca(b) ach beodhchan beag de theine igcomhnuidhe." "Má dheargann a' beodhchan beag sin fhéin, ceart, beidh teine mhaith ann ar ball."

Beodhuigh: [fuaim: beo: briathar ó bheo]. "Beo(dhuigh) amach" = "corruigh amach; déan deifir; dean deabhadh; bí bruideamhail.

"Ní mór dhuit beodhú amach fhairis sin, nó beidh tú deireannach." = "ní mór dhuit beodhchan amach etc." "Is mór a' t'iongnadh nach mbeo(dhóch)thá amach mar 'dhéanfadh fear, a's gan a bheith chomh roighin a's atá tú. Faoi dhó a bheidhinn ó'n bportach ó d'imthigh tú." "Cé’n chiall nach mbeodhuigheann (: "nach mbeodhann" freisin) tú amach a's gan an oidhche a leigean ort fhéin?" "Beo(dhuigh) leat, nó beidh tú deireannach." "Bí a' beodhú leat anois. Tá sé thar am imtheacht." "Is fada go mbeidh tú ag ceann -scríbe, mara mbeodhuighe tú fhairis sin." "Dheamhan do leithide a chonnaic mé in mo shaoghal ariamh. Ní bheo(dhochth)á dá mbeadh a' taoille a' teacht ort." "Tá sé a' beodhú 'un gaoithe, 'un báistighe, 'un sneachta etc." = tá sé a' tosuighe nó a' neartú ar a' ngaoith, ar a' sneachta etc.

"Shílfeá gur a' brath air tosuighe beodhú (: beodhchan)
'un báistighe atá sé aríst 'bhfaca tú a leithide d'
aimsir ariamh, ní ceasacht ar Dhia é!"
"Beodhócha sé 'un sneachta anois, agus is cuma
sin linn. Beodhuighead sé leis, má thogruigheann
sé." "Shílfeá gur mó an fonn a bhí air beodhú
'un sneachta aréir, a's níor chaith sé aon-cheo
'na dheidh sin, ach tá sneachta air, má's fada
gearr go gcaithe sé é." "Dar mo choinsias
tá sé a' beodhú 'un báistighe, a's gan aon-
tsop de'n fhéar tóigthe agam. Beodhuigídh
lib, go mbuaileamuid i mullach a chéile
é." "Shílfeá go bhfuil sé a' beodhchan amach
go diabhalta 'un gála." "Tá sé chomh maith
dhuinn greadadh abhaile. Indomhnach, tá sé beodhuighthe
amach 'un báistighe. Caithfe sé í, anois,
déarfainn." "Ó fhada go dtí é, tá sé a'
beodhú amach 'un sneachta faoi dheire."

Biadhú: ainm-fhocal amanntaí a's briathar amanntaí eile.

= cuid a' bheagáin; beagán nó riar beag; sriabhán; brádán nó ceobrán.

"Tá sé a' biadhú sneachta" = "ruainníní beag imbéal na gaoithe."

"Tá sé a' biadhú báistighe" = "braon imbéal na gaoithe" = brádán beag.

"Tá sé a' biadhú as" = "tá braon as aige" = "tá sé a' caitheamh ceobráin nó bradáin nó sriabháin bhig.

"Tá biadhú beag sneachta ar a' talamh indiu" = braitín bheag.

"Is deas a' biadhú sneachta atá caithte aige" (ach ní abróchthá a mhac-samhail le sioc ná le báistigh) "Má mhaireann dhó a' biadhú sneachta mar seo, beidh scráib maith caithte aige ar maidin."

"Bhí an oidhche chéadna dubh-fhuar. Déarfá go raibh sé a' biadhú sneachta imbéal na gaoithe."

"Ní raibh sé in a bhrádán amach a's amach ach go raibh sé a' biadhú báistighe." "Caithfe sé dórtadh báistighe anocht. Tá sé a' biadhú as anois. B'fhurast aithinte go raibh an aimsear a' tarraint le cupla lá." "A dh-l, a' biadhú sneachta atá sé. Buaileadh calóg chorpanta sa tsúil orm. Teanam nó ní dhéanfamuid abhaile anocht é." "B'fhéidir, ó thárla nach bhfuil sé a' neartú, go n-eireochadh sé as a' mbiadhú seo aríst. Ach eirigheadh nó na h-eirigheadh, tá a shean-eire sneachta air." "Ní thaithnigheann a' biadhú sneachta seo liom — thob ann a's thob as aige. Dhá gcaithead sé tuairt bhreag in éindigh dhe, bhainfeadh sé an fhuaraidheacht as an aimsir." "Chaith sé biadhú beag sneachta i dtús oidhche, a's shioc sé thar cíonn annsin. Ba gheall le gloine an bóthar ar maidin. Ní shiubhailfeadh na cuit (= cait) é, bhí sé chomh sleamhain sin." "Bhainfeadh duine ceart de'n tsioc. Má bhíonn an uair fuar fhéin, bíonn sí breagh folláin, ach ní thaithnigheann an biadhú sneachta seo liom chor a' bith. Préachfa sé na daoine, má mhaireann dó."

Bile buaic = "sa gceann sin leis" = go poll an chlaidhe = go snaidhm a' rópa = chomh fada in Éirinn a's is féidir a dhul.

"Tá'n scéal go maith mara dteighe sé sa mbile buaic orraibh le rud a chuir as daoib" = tá'n scéal go maith, mara dteighe sé chomh fada in Éirinn a's is féidir dó a dhul le rud a chuir as daoib.

"Tiocfa sé sa mbile buaic oraibh anois, leis an áit sin a bhaint daoib." = déanfa sé a sheacht míle dicheall anois, leis an áit sin a bhaint daoib.

"Má tá faoi na Flaithbhearta(igh) 'thabhairt 'un cúirte, tiocfa sé sa mbile buaic orra(b) le na shása(mh) bhaint amach."

"Ní raibh aon-tsása(amh) aige ann, go dteigheadh sé sa mbile buaic orm faoi'n méidín sin míllteanais, a rinne na beithidhigh air, a's tuille diabhail aige, má chuaidh leis."

"Tá droch-íntinn aige siúd, a's tiocfa sé sa mbile buaic ort, má chuireann tú luach leithphighne as dó."

"Ní raibh aon-mhaith aige ann, go dteigheadh sé sa mbile buaic ar na Loideánaigh, ach sin é 'raibh dhá bhárr aige."

"Má chuireann tú aon-araoid orra(b) sin, tiocfa siad sa mbile buaic ort, dhá dteighead sé céad bliadhain."

"Do cheann-fhine ní fhéadfadh a dhul sa mbile buaic ar a' dreám sin, tá siad chomh h-imeartha sin."

"'Sé mo chomhairle dhuit, aire a thabhairt duit fhéin, ar a' gceann sin, nó tiocfa sé sa mbile buaic ort, de do sheacht míle buidheachas."

"Is fada an lá é, ag iarraidh a dhul sa mbile buaic orainne, faoi gur chaith muid é sa dlighe sin fadó."

"Nach fánach a' t-ughdar a bhí aca(b) le dhul sa mbile buaic ar a' díthreabhach bocht sin — scáth cupla caoirín a dhul thar claidhe."

"Is maith nach mór dhuit a bheith 'san áirdeall air, anois, nó fiachfa (= féachfa) sé le dhul sa mbile buaic ort."

"Níor dhubhairt mé thar dhá fhocal leis, a's shílfeá gur mó an fonn atá air a dhul sa mbile buaic orm ó shoin."

Binse, Bínse, Binnse, Beinsín, Beínsin: [Bíonn na fuaimeannaí sin ar fad air. Chloisfeá iad ar fad sa gceanntar céadna].

Binse = (i) suidheachán, áit suidhte, stóilín, formna, nó clár a mbeadh clocha nó cléibh faoi 'chaon ceann dó; teinteán nó suidheachán íseal; cathaoir nó áit suidhte an bhreithimh.

(ii) banc, nó éadan de phortach a bheadh scraithte, a's a mbeithí a' baint mhóna air.

(iii) beinsín = slam, ascallán nó gabhailín bheag chíbe, fhéir, fhiadtaighle etc.

Tá ciall a (iii) ionann's seirgthe sa gcainnt anois. Is beag a bhíos (i) ach an oiread i gceist, cé's moite de "chathaoir a' bhreithimh." Ach tá ciall a (ii) an-choitchiannta fós.

"Suidh fút ar a' mbinnse annsiúd thall." "Má tá tú ro-árd annsin, suidh fút ar a' mbinnse" = teinteán nó "hob". "Leag thall ar a mbínnse é." "Deasuigh anuas annseo ar a' gcathaoir. Níl socamhal a' bith agad ar a' mbínnse sin."

"Níor thug sé forus ná suaímneas dhom, chomh uain's bhí mé mo shuidhe ar a' mbinnse, ach a' baint scealpógaí a's pleabhtógaí asam. B'éigin dom eirghe uaidh ar fad." "Gróigthe ar bhinnse beag íseal le balla a bhí sé, a's é a' biorrú scoilb." "Tá an binnse sin salach. Thuit corr-chuileog shúighe air ó mhaidin. Ní mór éadach a chuimilt dhó, má's leat suidhe air." "Ní chorruigheann sí chor a' bith de'n bhinnse sa gclúid. Sílim go bhfuil sí buailte suas sa siubhal."

"Dheamhan a chos a chorruigh de'n bhinnse sin ó mhaidin, ach a' breacadh a luirgní le teine. Is géar a theastóchadh fír na maitheasa a chuir ann." "Bhí lucht na tórrtha 'na suidhe ar bhinnsí amuigh sa scioból." "Bhí 'jug' fuisce leagtha ar a' mbinnse, a's é fhéin a' baint corr-shúmóg as, ach ba bheag a' luath 'bhí aige, aon-deoir a thabhairt d'aonduine eile."

"Bhí an breitheamh in a shuidhe thuas annsiúd ar a' mbinnse a's a chaipín geal air."

"D'fhága mé an sleaghán ar a' mbínnse" = binnse an phortaigh
"Bhí cloch sa mbínnse a's fhobair dhi, an sleaghán a bhriseadh orm."
"Tá'n tuile eirighthe ar a' mbinnse a bhfuil mé a' baint air."
"Binnse glan le baint é" = níl uisce ag eirghe air, ná níl
dearglaoch, feoil chapaill, clocha ná treampán a' bith ann.
"Tá a' teacht faoi'n mbínnse seo. Sílim go ndéanfa sé uisce
as éadan." "Gheobha tú mo phíopa thíos ar bhinnse an darna
bairr. Fuil leat síos a's tabhair agham (= chugam) é."
"Bhí binnse an chéad-bháirr sáthach éasca, ach dheamhan
gaisce a' bith ar bhinnse an darna barr. Tá feoil chapaill
a's dearglaoch ann." "Bainfe an binnse sin cneadach
asad, shul a mbeidh sé bainte agad." "Tá cuid de'n
bhínnse seo siar 'do dhiaidh, sáthach docht deirimse
leat." "Ní bhfuair mé tada de shásamh an bhinnse
seo fós — in a bhfuil bainte agam ar chaoi'r bith.
Tá 'chaon dárna fód a' sceitheadh orm."
"Caithfe mé stróic eile de'n bhinnse a shioscadh.
Féadfa tusa an cnap móna sin a scaradh,
go mbeidh mise réidh aghad aríst."
"D'árduigh an t-uisce orm, go raibh sé cab ar cab leis
a' mbinnse a bhí mé a bhaint." "Níorbh í an
chuigeallach i lámha na h-oinsighe, sleaghán in mo
láimh-sa ar bhínnse portaigh lá de'n
tsaoghal. Ach is furasta cur chugham anois."
"Thiocfá go glúine sa stumpa de bhínnse siúd
a scraith muid an lá faoi dheire. Meastú nach
diabhaltaidhe an t-uisce a chaith sé dhá réir sin?"
"Eirigh as, nó m'anam-sa ná raibh ag a' d-l, go
dtiubhra mise rud ar a shon duit! Tá'n binnse in
a chis ar asair agad." "Fagh an láighe a's glan
amach an scrath mharbh sin de'n bhinnse. Ní dheacha
tú sáthach domhain leis dhá scrathadh."

"Is breagh an binnse móna é sin anois, indomhnach fhéin."
"Mara bhfuil tú indon an binnse a choinneál scraithte dhom
ná bac leat fhéin! Is olc an aghaidh do bhéilí thú
déarfainn." "Fan amach ó éadan a' bhinnse nó
tuitfe tú síos sa bportach." "Is deas a' bhail é sin
ar fhear atá in a chuid alluis ar bhinnse portaigh ó mhaidin
— min bhuidhe a thairgeachtáil dhó tráthnona." "Tá
cuisle dhocht sa mbínnse annseo. Bhí sí sa mbarr
uachtair freisin" = féith nó giodán a bheadh
deacair ar a bhaint. "Síos fút is mó a bhaintear
móin annseo, ach móin uicht a bhaintear in áiteacha
eile. Caithfe tú a dhul síos sa bportach léithi sin, a's
aghaidh an tsleaghain a thabhairt ar a' mbínnse. Is
mó go mór a' dreabhlás atá imbinnse
le na bhaint as ucht ná é 'bhaint fút síos. Cé'n
chaoi 'mbaintear sa tír se'agaíbhse í, nó 'bhfuil fód
móna 'bith ann?" "Is breagh an binnse móna é
sin anois, dhá mbeadh sleaghdóir maith in' éadan!"
"Ní bhfaighe tú aon-bhantáiste ar a' mbinnse
choidhchin mar sin. In aghaidh stuif atá tú a' dul. Sa
gcloigeann eile a bhí aghad tosuighe, a's ní bheadh
a leath oiread anró ort fhéin. Ó'n gcloigeann eile
a baineadh é anuiridh go h-áithrid."
"Bliadhain a raibh mé a' baint thoir ar phortaigh bharr
na gC., deir tú le nead easóige a fuair mé sa
mbínnse. M'anam péin go bhfuair! Ach ba portaigh
tirme iad." "Dheamhan a n-aireochthá a dhath an
tsleaghdóireacht, dhá mbeadh binnse tirm agad. Ach
is sraimlidhe an saothar a bheith caruidheacht
le binnse fliuch." "Nuair a bhí mé ar bhinnse an
darna bairr, bhí an barr íochtair folcuighthe. Ach
shil a' t-uisce ó shoin." "Tóig na fóide sin atá caithte
ar a' mbínnse, a's cuir ar bruach iad, as a' mbealach."

Beinsín ruis, luachra, fiadhtoighle etc. [Is beag nach bhfuil sé seo seirgthe sa gcainnt anois, cé's moite de chorr-áit, a's ag duine i bhfad ó chéile]

"Gheall tú gine a's punt dom, a's bhí dúil agham cur in a cheann
Culaith ó bhonn go h-uachtar, a's gúna de'n síoda bán
Sin a's a theacht ar cuairt agham, gach neoin a's gach maidin bhreagh
Le luach mo bheinsín luachra a's a bhfuair mé dhá easonóir."
["An Bheinnsin Luachra"].

"Bhí binsín luachra aige a' teacht." "Tabhair beinsín bruibh leat, má fhéadann tú." "Bhí sé ag imtheacht a's beinsín ruis aige" (Muicineach Choille a chuala mé seo). "Bhí beinsín beag luachra bainte aige, a's é dhá thabhairt abhaile."

Bhíodhgaighil (mhíogaighil?) = an mhion-ghrágghail
a bhíos ar leipreacháin, ar scaltáin, ar shicíní, nó ar
éanachaí óga, go h-áithrid sul a dtagann siad amach as na
h-uibheachaí.

"Tá scoilb ar na h-uibheachaí, a's na sicínní le cloisteáil a' bhíodhgaighil istigh
ionnta(b)."
"'gcloiseann tú an bhíodhgaighil atá orra(b). Is gearr go dteaga (= dtaga)
siad amach."
"Tá scoilb ar na h-uibheachaí le dhá lá, ach níl aon-
bhíodhgaighil aca(b) fós."
"Chuala mé an ghoisín roilleach a' bhíodhgaighil istigh
i bpoll a' chlaidhe. Tá mé 'ceapadh gur easóg a d'árduigh léithe í."
"Má tá siad a' bhíodhgaighil is neámhaidhe é" (éanachaí in uibheachaí)
"Céard a bhéarfadh dhóib a bheith 'bhíodhgaighil fós nach 'bhfuil seachtmhain
eile orra(b)?"
"Tá sé 'bhíodhgaighil annsin ar a' teallach ó mhaidin, a's gan fhios againne
céard atá air." = duine a bheadh ag éagcaoineadh go neámhaidhe.
"Cé'n sórt 'bhíodhgaighil atá ortsa. Má tá pian ort, árduigh leat a' chodladh."
"Ná bí a' bhíodhgaighil leis a' bhfeadóig sin, nó dúiseocha tú an páiste"
= an ceol a bhaineas patairí as feadógaí.
"Leig do do chuid bhíodhgaighle (l leathan) anois, nó tiubhra mise luach
do chuid bhíodhgaighle dhuit."

Bhíodhg (mhíog? míog?) = an mhion-ghráig a leigeas leipreachán nó éan
óg; páiste ag éagcaoineadh; nó pataire a' séideadh feadóige go neámhaidhe.

"Leig a' t-éinín bhíodhg 'san uibh, a mhama."
"Chuala mé an t-éinín a' leigean bhíodhg istigh sa mblaoisc."
"Ná leig aon-bhíodhg as a' bhfeadóig sin anois." "Tabh(air) (dh)omsa í,
(feadóg), go leige mé bhíodhg maith aisti."
"Bhí sí 'cur corr-bhíodhg aisti ar a' teinteán, más tinn a bhí sí
nó nach h-eadh."
"Leig sé bhíodhg neámhaidhe uaidh, aniar as a' seomra."

[Bior — focal firinscneach, gein. uathaidh = bhir. Ach go h-iondamhail ní cuirtear claochlodh tuisil ar bith air. Uimhir iolraidh — biorannaí

bior beag = birín.

Bior = rinn; barr géar; rud biorruighthe, nó lorga géar ar bith, maide, píosa iarainn, nó lorga nó brionglán ar bith de'n tsórt sin a bheadh géar as a bharr nó as a cheann.

"Seachain a' bior sin ort fhéin." "Fainic a gcuirfeá an bior sin, faoi shúil an ghasúir." "Bí áirdeallach leis a' mbior sin, nó cuirfe tú faoi shúil duine eicínt é." "Chuir sé bior ar a' scolb, ar 'a' bpencil' etc." = barr géar; ghéaruigh sé as a bharr é. "Tá bior ar a theanga" = duine mbeadh an-díle cainnte aige, nó bheadh abartha, gangaideach sa rud adéarfadh sé. "Chuir sé bior a' tairnge ionnam" = barr géar tairnge. "Ba gheall le bior bioráin a sháithfí in mo thaobh leis an arraing a bhuail mé." "Níl oiread bior bioráin (nó barr bioráin) ann" = níl téagar ná toirt a' bith ann. "Má chuireann a' diabhlánach sin bior a' bhioráin (a' tairnge etc) ionnad, beidh scéal agad air." "Tá sé a' caitheamh sceanna gréasuidhe a's an bior géar dhíob anuas ("an barr géar díob anuas" go h-iondamhail, ach deirtear seo go minic freisin) = tá sé in a bháistigh ghriodánta = tá sé a' roilleadh báistighe = tá sé in a dhórtadh. "Tá bior iarainn ag imtheacht aige dhá sháthadh indaoine." "Chuir an gabha bior iarainn sa teine gur thug sé goradh dhó, a's annsin, lúb sé é, go ndearna sé tlú dhe." "Shuidh mé ar bhior eicínt, a's stiall sé mo bhríste." "Tá sé chomh h-árd le bior (= speiricín) a' Teampaill Mhóir." "Tá bior géar amach as, a thiocfadh thríot, dhá mbuailtí le teannadh fút é." "Tá biorannaí ar a' ngráinneoig" = cuilgní. "Tá bior ar a chrúib chomh géar le rásúr." "Má chuireann sé an bior siúd thríot (ionga ghéar), ní fhágfa sé liobar leathair ort (i.e stiallfa sé an craiceann dhíot). "Tá bior aige l'aghaidh na teine" (i.e. sórt "poker" nó maide teinteáin).

Bior cléithe = an spíce aonraic i gcliaith fhursta. Biorannaí cléithe.

"Tá bior air" = (i) Tá sé ar bís, beo-phianta (ní abruighthear "Tá sé ar bior") (ii) stiúir na ropaireachta; fonn achrainn; gothadh ghangaideach; coinneal in a shúile.

"Tá bior air, go bhfagha sé cead imtheacht'." "Tá bior air, go bhfagha sé cead a bhealaigh." "Tá bior ar a' diabhlánach de ghamhain sin go dteighe sé imbradghail." "Caithfe tú an t-asal sin a cheangal — cromnasc nó rud eicínt a chuir air, a cheannsóchas a's a smachtóchas é — arae, tá bior air, go dteighe sé thar chlaidhe na comharsan." "'Bhfeiceann tú an bior, atá ar a' gcneamhaire de laogh, go dteighe sé imbradghail?" "Bhí bior uirre nó go bhfaghad sí cead scuir ar bhóithrí, ach is olc a chuaidh na bóithrí dhi, as a dheire, ní dhá roinnt léithe é." "Níl aon-Domhnach nach mbíonn bior orra(b) go gcaithtear a ndínnéar (ch)ucab, a's go bhféada siad imtheacht a' bóithreoireacht aríst go meadhon-oidhche." "Bíonn bior air, go n-imthighe sé, a's ní túisce imthighthe é, ná 'bhío(nn)s bior air, go mbí sé sa mbaile aríst. Dheamhan mac faoi na bruit is corr-mhéineamhla ná é."

(ii) Tá bior ar a dhá shúil (in a dhá shúil) anois, go gcastar duine eicínt air, a mbuailfe sé coc achrainn air." = tá coinneal in a dhá shúil. "Tá bior a' diabhail air" = gothadh gangaideach, droch-mhúinte. "Ó ólfas sé gloine, d'fheicfeá bior air, ag iarraidh ughdar achrainn, a's dheamhan a' mbíonn uaidh, ach a' t-ughdar." "Fan as a bhealach sin, má bhíonn aon-bhraon caithte aige! Bíonn bior air, go mbaine sé achrann as duine eicínt." "Sin í an droch-ghiota! A dheirbhshiur ó, bíonn bior uirre, go n-ionnsuighe sí thú, má bhíonn aon fhaltanas istigh aice dhuit." "'Bhfaca tú an bior a bhí uirre! Fonn maistínteacht' a's cocaireachta!" "Ní luath (= lughar) liom a' sioc ná duine 'mbíonn bior i gcomhnuidhe air, le 'chuile fhocal adéarfas tú a fhastú" = tá'n ghráin shaoghalta agham ar dhuine a' bith a bhíos i gcomhnuidhe a' faireadh ar bhrabach a fhaghail ar do chuid cainnte. (a' siodh-mhagadh, nó a' fonóid fút)

"Ní dhéanfad sé é, go gcuireadh sé bior faoi na shúil." = ní dhéanfadh sé go gcuireadh sé scian faoi 'na shúil = ní dhéanfadh sé é, go gcuiread sé puis de sciain faoi 'na shúil = ní dhéanfadh sé é ar bhás a' domhain (ar ór ná ar airgead etc).

"Ní dhéanfainn a' cleas a rinne sé, go díreach glan, go gcuirinn bior faoi mo shúil idtosach." = "b'fhearr liom bior a chuir faoi mo shúil, ná go mbeadh sé le casadh liom go ndearna mé a leithide de chleas" = "chuirfinn bior isteach thrídh mo shúil shul a ndéanfainn an cleas a rinne sé." "B'fhearr liom bior a chuir faoi mo shúil ná a dhul a' fiachadh ar na dílleachtaidhthe bochta sin." "Is túisce go mór a chuirfinn bior dearg thrídh súil duine, ná adéarfainn a' chainnt sin leis."

"Nach mb'fhearr leat duine a' cur bior dearg faoi do shúil, ná é 'déanamh cleas de'n tsórt sin ort." = nach mb'fhearr leat duine a' cur méire faoi do shúil etc. "An té a thiocfadh i gcleitheamhnas tútaighle de'n tsórt sin, ní raibh le déanamh leis, go díreach glan, ach bior dearg a sháthadh isteach thrídh na shúil." "Chuirfeadh sé bior in do shúil a mhic ó, dhá samhl(uigh)theá a leithide de rud leis" = bheadh sé le cuthach, dhá n-abruightheá, go dearna sé a leithide de rud nó go raibh sé ar chaoi áithrid eicínt, mar bheadh sé fhéin a' ceapadh nach mbeadh. "Dhá samhl(uigh)theá leis siúd, go raibh aon-dhuine a bhain leis bocht, chuirfeadh sé bior dearg thríd a' tsúil agad." "Má chloisimse ar a' gcainnt sin arís thú, cuirfe mé bior in do shúil."

"Ní dhéanfa tú é, go gcuire tú do shúile ar bhior" ("ar chipíní" is mó adeirtear). = cinnfe ort é dheanamh luath ná mall.

"Dheamhan do chos a d'árdóchadh é, go díreach glan, go gcuirtheá do shúile ar bhior." "Dhá gcuirtheá do shúile ar bhior anois sé'n mhaith amháin duit é, ní bhfaighe tú greim dhe." "Dhá mbeitheá dhá iarraidh anois, go gcuirtheá do shúile ar bhior, níl aon mhaith dhuit ann. Déanfa tú dhá uireasbha." "Nach thú atá thart gan tobac. Dhá gcuirtheá do shúile ar bhior anois, dheamhan a' gráinne a gheobhfas tú go dtí ambáireach."

Bior eanga = birín nó sliseoigín a d'fhanfadh ar eang (eing) nó na slisíní a thuitfeadh aisti, a's thú a' cur eanga (einge) i gclár, nó i maide. "Níl bior-eanga air" = "níl sciolltar air." "Tá sé chomh caithte leis an bhfitheoig" = níl feoil a' bith air. = "Tá sé snuidhte caithte. "Dheamhan bior-eanga thuas uirre, a's is diadhachta sin di, mar tá sí a' faghail a ceart le n-ithe." "Dhá dtugtá a bhfuil istigh in Gaillimh dhi, ní bheadh bior-eanga uirre ina dheidh sin." "Níor fhan bior-eanga orm le goirid, a's ní airighim tada a' gabhail dom." = níor fhan sciolltar orm le goirid, a's aindeoin sin; ní feasach dom, céard atá orm. "Níl bior-eanga uirre ó phós sí. Is olc atá an t-athrú a' gabhail di — is olc sin." "Má chuireann tú un sléibhe na gamhna sin, chomh luath seo sa mbliadhain, ní fhanfa bior-eanga orra(b). Tiubharfa siad anuas ar fad." "Níor fhága an príosún bior-eanga air. Chaithfead sé nar caitheadh go maith leis ann, nó ní bheadh sé chomh tugtha anuas a's tá sé." "Níl bior-eanga ar a' mbean bhocht, ach is suarach a' t-iongnadh sin, a's lán a' tighe aice ar aon-chéill. Níor bhris cearc an áil a h-iogán (: a h-eagán) ariamh, a's sin é 'fhearacht aice-se é. Is geall le dhul ar a muirghín, an saothrú beag sin atá aigéan a fear." "Scaoinn mhór árd í, a's gan bior-eanga uirre" = bean shínte, chaol í, a's gan aon-fheoil uirre." "Dheamhan bior-eanga orm, ní a' ceasacht ar Dhia é!" "Deir siad a' té nach mbeadh bior-eanga air, dhá bhfaghadh sé feoil chearc, smior mairt nó bainne bó gamhnach ar feadh aon-mhí amháin, go mbeadh sé tuithte i bhfeoil in a dhiaidh." "Mara bhfuil bior -eanga uirre, muis, ní cheal aire é; arae tá 'chuile shórt ar fheabhas aice sin, dhá bhfuil sí indon caitheamh a chuir ann."

"Is mór de na daoine uaisle sin, nach bhfeicfeá bior-eanga orra(b), th'éis go mbíonn fuigheall na bhfuigheall aca(b), ní h-ionann sin a's créatúir bhochta." "Tá ithe a codach go maith innte, a's dheamhan bior-eanga uirre in a dheidh sin." "Is gránna an rud bean 'fheiceál iadhta le feoil, ach is gránna an rud freisin í 'fheiceál gan bior eanga ar a corp."

Bior próiste: giota nó lorga nó brionglán de mhaide a ndéantar tuinnte nó iarna snátha a thochras air, le linn sníomacháin. Próiste a tugtar ar a' méid snátha a tochrastar ar a' mbior seo. Uaireanta tugtar de leas-ainm ar chleathaire caol caithte fir nó mná é. (Deirtear freisin "maide próiste" a's "biorán próiste", ach is annamh é).
"Tochras a' méid seo snátha dhom ar a' mbior próiste."
"Tá cion próiste eile snátha sa méid sin, dhá mbeadh bior agam len' aghaidh." "Ná leig tuínnte mar sin leis a' mbior próiste" = snáth fada ar sliobarna as. "Tá tuinnte fada na h-oinsighe agad leis a' mbior próiste." "Tá cheithre phróiste sníomhtha agam ó mhaidin." "Tá cion ceirtlín mhaithe ar a' méid sin próistí." "Feacha a bhfeicfeá aon-bhior próiste ar stuaic a' lota." "Ní fhaca mé aon-teach béal in áirde ariamh go dtí é. Níl a' bior próiste fhéin le faghail ann, nuair a theastóchas sé ó dhuine." "Is deas a' bhean abhrais thusa, a's gan aon-bhior próiste a' gabhail leat imbéal do chuid sníomhacháin."
"Dheamhan túirne ná sreang, ná oiread a's bior próiste a gheobhfá in aon-teach annseo, anois, dhá gcuirtheá slat ar a' tír. Tá'n obair sin caithte in aer. Isteach go Gaillimh a chuirea(nn)s 'chuile dhuine a chuid abhrais anois, le sníomh. InDomhnach, tá mná óga ar mo bhaile, a's dheamhan a gcos a d'aithneochadh bior próiste, ní áirmhighim a mhaltraid."
"Céad slán do'n uair a mbíodh muid a' sníomhachán 'chuile oidhche! Chruinnigheadh mná an bhaile isteach — bean a' cárdáil, bean a' sníomh, a's bean a' tochras ar a' mbior próiste, a's bean eile a' líonadh bórán roilléirí do bhean a' túirne."
"Is geall le bior próiste é — clifeartach (cleithbheart -ach?) mór árd caol." "Sí'n bior próiste í." "Shílfeá gur bior próiste é; an-aoirde ann, a's gan sciolltar air."
"Nach agad atá an mhisneach asad fhéin a bhior próiste. Cá bhfaightheá-sa aon-spreacadh a bheith ionnad!" [Go goirid, beidh an leas-ainm nó'n tsamhail sin "bior próiste" seirgthe sa gcainnt, arae tá scoth óg a' teacht in innmhe, nach maith is feasach dóib, céard é bior próiste!"]

Bior in aon-tsúil = duine amháin cloinne; athair nó máthair a bheadh taobh le mac nó inghean aonraic, mámh aonraic i láimh chártaí

"Tá mé in mo bhior in aon-tsúil" = níl agam ach mac nó inghean amháin.

"Is air sin a thuitfeas an t-airgead mar is bior in aon-tsúil é."

"Féadfa sé pósadh in a rogha uair — bior in aon-tsúil."

"Tá sé taobh le bior in aon-tsúil" = níl aige ach mac nó inghean amháin. "Is furasta dhó sin — bior in aon-tsúil — fuigheall na bhfuigheall a fhághail, ní h-ionann sin a's lán tighe de mhuirghín a's chuile dhuine aca(b) ag iarraidh a chórach fhéin, go leige Dia slán iad!" "Ní raibh aige ariamh, ach bior in aon-tsúil."

"Tá S. L. in a shuidhe go te, a's é taobh le bior in aon tsúil — mac" = "tá a sháith 'mhaoin a' tsaoghail aige, a's é taobh leis a' t-aon-mhac." "Má eirigheann aon-cheo dhó sin, a's é in a bhior in aon-tsúil, is gearr a mhairfeas an mháthair le duibhthean croidhe 'na dhiaidh." "Is mór a' díol truaighe é 'athair bocht, a's é taobh leis. Ní raibh ann ariamh ach a' bior in aon-tsúil." "Níl sac na mac ná muirghín air ach é féin. Bior in aon-tsúil é." "Is mairg a bheadh taobh le bior in aon-tsúil" = is mairg nach mbeadh aige, ach duine aonraic cloinne.

"Tá aire an leinbh le faghail aige sin — bior in aon-tsúil."

"Ní mian léithe cead amach a' bith a thabhairt dó, arae is bior in aon-tsúil é." "Badh mhaith an dóigh í anois, le bualadh fúithe — bior in aon-tsúil, a's gabhaltas maith talmhan aice." = b'fhiú bleid chleamhnais a bhualadh uirre, mar tá a h-athair a's a máthair taobh léithe, a's beidh gabhaltas maith talmhana, a' tuitim uirre. "Is deacair dhomsa fata ná meacan a chur, a's gan agam ach bior in aon-tsúil."

'Siad na trí rud a bhí mac a' duine uasail a iarraidh ar inghin a' Ghobáin Saor i leagan amháin dá'r chuala mé de'n scéal sin — "Cor in aghaidh an chuir, bun-ughdar na gangaide, a's bior in aon-tsúil"

"Tá bior ar a shúile." = tá amharc grinn aige. "Is aige atá an bior ar a shúile" = tá sé an-ghrinn.

Thug mé cead a' bhealaigh de'n rí, mar bhí sé in a bhior in aon tsúil agam."

"Ceann-ar-bior" = duine corr-mhéineamhail, (go h-áithrid páiste) nach bhféadfadh comhnuidhe ná fanacht socair in aon-áit, ach ag útamáil anonn 's anall. [Nuair a ghlaodhtar ar duine é, ní thagann aon chlaochlodh tuisil ar "cheann"].

"Tá tú ag imtheacht in do cheann-ar-bior ó mhaidin. Nach mór a' t-iongnadh nach bhféadfá comhnuidhe a dheanamh uair eicínt." "Déan forus, maran tú an ceann-ar-bior." = fan socair, maran tú atá corr-mhéineamhail, luaithneach againn. "Ní dhéanfa sí tigheachas in aon áit, an ceann-ar-bior bradach." "Níl fhios agham, cé leis a ndeacha tú chor a' bith, a cheann-ar-bior. Tuige thú 'bheith chomh luaithneach sin, a's gan fhios cé'n fáth?" "Maidir le bheith ag iarraidh suaimnis ar a' gceann ar bior sin! B'fhearr dhuit go mór fada, gan aithne a' bith a chuir uirre, ach cead roptha a thabhairt di, go n-eirigheadh sí tuirseach." "Ní fhaca tú aon-cheann ar bior ó rugadh thú nach [= ach] í." "Tá sé ag imtheacht in a cheann ar bior, a's gan fhios ag aonduine cé'n ámhuilleacht a chaithfeas sé in a cheann." "Tá mo chroidhe dóighte ag an gceann ar bior sin. Ní fhaca mé go h-iomdha aon-ghasúr, is mío-shuaimnighe ná é." "Ní túisce istigh ná amuigh an ceann-ar-bior sin." "D'iagcóir dé dhuit, nach bhfanann socair, a cheann-ar-bior!" "Cé'n sórt útamáil atá ar a' gceann-ar-bior sin aríst. Dheamhan a' féidir gur ag iarraidh an cliabhán a fhágáil atá sé, th'éis gur gearr ó 'bhí sé 'strócántacht go gcuirfí a' chodladh é." "M'anam go raibh sí ag imtheacht in a ceann-ar-bior mar sin, a's í in a bean mhóir mhillteach!" "Níl de leas-ainm ag duine 'bith anois air ach ceann-ar bior." "Nach agad atá do cheann ar bior, fharrus aonduine. Is measa dhom thú, ná a bhfuil eile sa teach" = nach tú atá corr-mhéineamhail, fharrus an chuid eile de na páistí. Is mó an t-anró a fhaghaim uait, ná ó'n gcuid eile ar fad.

Birín = bior beag.

"Biríní seaca" = na streoilliní seaca a d'fheicfeá ar sliobarna as bun-tsop, ar shioc seasta; spincíní seaca; maidí seaca. (biríní reodha a tugtar orra corr-uair, ach is annamh é). "Tá biríní seaca as a' mbuntsop indiu." "Chuir sé glaisreodh ["glasrú" adeirtear. Go h-iondamhail, i gCois Fhairrge má thárluigheann "s" a's "r" caol ab uil a chéile, leathnuightear iad; céirseach > céarsach, fuirseadh > fursadh, cliath fhursta Seoirse > Seorsa etc.] maith seaca aréir, arae bhí biríní seaca ó'n bhfárdorus aghainn ar maidin." "Bhí an spideog ar a chuinncín in a birín seaca le fuacht." "Reodh an cranntairle as a shróin in a birín seaca le neart fuaicht." "Tá sé 'gabhail ar bháisti(gh) aríst. 'Bhfeiceann tú na biríní seaca, a' tuitim?" "Tháinic biríní seaca ar na cluasa agham le neart a' phréachadh a fuair mé."

Cam srón-birín [cam-sron-firín? birín adeirtear ar an Achréidh. Níl an leagan faoi Chonamara chor a' bith chomh fada le mo bharamhail] = cantal, callóid, corr-mhéineamhlacht, stuaic, bundún, stainnc, múisiam, musán, staiceamhlacht. "Cé'n cam sron birín atá air anois?" "Tá cam-srón-birín dhá bhualadh aríst, nuair nach dtugtar cead a chinn dó." "Is mear a chuirfeá cam srón birín anois air, mura leige tú de'n chainnt sin." "Tá sé chomh h-íogmhar sin, a's má shíleann sé nach mbíonn modh ag duine dhó mar is ceart, go dtagann cam srón birín air, ar a' toirt." "Níl cló-stiúrtha a' bith air, ó mhaidin, pé'r bith cé'n cam srón birín, atá air." "Is ar éigin a bheannuigh sé dhom, indiu, hébrí cé'n cam srón birín atá chor a' bith air." "Ní mórán a chuirfeadh cam sron birín ar a' gceann céadna." "Caithfe sé go bhfuil cam sron birín eicínt air, a's é 'bheith ag imtheacht ar a' gceird sin." "Níl neart agad scóchas a' bith a chuir air, nach mbeidh cam srón birín air leat." "Miosaim (= measaim) go bhfuil cam sron birín eicínt air, ó'n oidhche a raibh muid a' magadh faoi, annseo thíos."

Biorach, Biorachaí: (i) aidiacht = (a) rud biorruighthe; rud a bheadh rinneach nó géar as a bharr nó snuighte, biorruighthe. (b) gangaideach, urchóideach, oilbhéasach. (c) buaidhteach, gnóiththeach (i gcártaí). (d) ainm-fhocal: srumh, nó púcóg a cuirtear ar laogh nó ar shearrach, le na gcoisceadh, nó a gcur ó dhiúl.

(a) "Fainic na clocha biorach sin ar do chosa." "Dia aithnightear! Fan amach ó'n gcloich bhiorach sin, nó cuirfe sé éagcaoineadh ort." "Is beag a' dochar do ghasúir, speireachaí a's bonn-bhualadh fhéin a bheith orra(b), a's a bhfuil de chlocha bioracha ar na bóithrí. Tá cladach aca(b) annsin thíos, a's dheamhan duine dhá dteang(mh)ócha ceann aca(b) le na chosa, nach mbeidh buailte suas aríst ar feadh na bliadhna." "Tabh'r 'om ceann de na tairngí biorracha sin. 'Siad is foghaintighe annseo." "Measc é leis a' maide biorach sin thall." "Dhá mbeadh slat-mhaide biorach, agham, b'fhéidir di cúis a dhéanamh." "Cáide'o a thosuigh caitheamh ar na hataí bioracha sin? InDomhnach fhéin ní deas iad!" "Is gránna an feic í faoi na haitín biorach!" "Cá'il speic bhiorach a' gabhail?" [duine a mbeadh caipín a's speic ghéar uirre, air]. "Má thaobhuigheann tú isteach a' teach seo aríst, a speic bhiorach, ní fhágfa tú é, gan dual na druinne a fhaghail. Rinne tú do cheart míllteanais, an oidhche faoi dheire, a's gan a bheith ag iarraidh tuille ' dhéanamh anocht." "Cé'n t-ainm atá ar a' gcnuicín biorach thoir?" "Sé'n cnoc biorach sin ó dheas, Cnoc a' Chaisil." "Tá Lic Áimhréidh in a chnoc chomh biorach le ceachtar aca." "Tá an-fheiceál de'n chnocán biorach sin." "Tá aill mhór bhiorach ar a bharr." "Is bioraighe í an churrach as a buaic, ná'n bád iomradha." "Tá scóthach biorach amach sa bhfairrge ann, a's d'fhéadfá 'siubhal amach ann ar dhiaidh-thrágha." = ros géar talmhan sínte amach sa bhfairrge, a d'fhéadfá a shiubhal, nuair a bheadh sé in a thráigh. "Tá mullach an-bhiorach air" = barr a chloiginn rinneach nó géar. "Ní fhaca tú áirdín a' chúil chomh biorach ag aon-duine ariamh a's

atá sé aige. "Tá cuinncín a shróin' an-bhiorach."
"Sílim gurab í an cheaircín bhiorach a mharbhóchas mé" = cearc a
bheadh caol nó caoluighthe amach as a tosach nó a buaic.
"Tá'n catmara críochnuighte ar a' sicín biorach sin. Ní túisce
istigh ná amuigh í, a's bíonn sí ag uallfairt 'chuile phuinnte
sa ló." "Is furas aithne dhuit í. 'Sí an sicín is
bioraighe ar an ál í." "Gruadháin d'fhataí móra bioracha
iad na 'dates'." "Tá smigín bhiorach uirre, a's srón gheanncach
a's craiceann geal."

(b) "Is olc biorach an laisceach í sin, má chuireann duine araoid
a' bith uirre." "Tá sí chomh biorach le snáthaid, le
cuir chuice ná uaithe." "Tá sí chomh biorach le
'nímé cé hé', a's í i gcomhnuidhe goinighthe amach 'un
cocaireachta." "Sí'n í fhéin an ágóid bhiorach le drannadh
léithe."

(c) "Bhí Seán a' teacht isteach biorach" [bearach adeirtear in áiteachaí]
= bhí a chárta gan bualadh. Bhí a chárta buaidh
-teach, nó gnoithteach, a' teacht isteach faoi'n bhfear imeartha.
"Nach feidheartha a bhí an bord, a's an dó beag a leigean
isteach biorach" = ba dona na cartaí a bhí amuigh, lá'r
leigeadh an do beag (hairt, nó muileata) isteach gnóiththeach.
"Chuaidh ceathair muileata biorach timcheall a' bhuird go dtí
fear roinnte" (fear déanta) = is dóigh gur lom, nó gur
imir fear tabhartha é, a's go dtug sé cuairt an bhuird gan
a bhualadh. "Sin í an imirt agad, mo chreach! An bhain-
rioghan a leigean isteach biorach, faoi fhear falamh, a's an
bun a' gabhail amach." "Leigfe mise tharm biorach freisin
é, muis! Níl aon-bhaint agham dó!" = níl a bhualadh
agam. "Má tá an ceathair a' teacht isteach biorach, is
leis uaimse." "Nach tráthamhail a tháinic an ceathair
biorach!" "Ní leigfeadh sé sin a' cíonán thairis biorach, a

dhuine mo chroidhe" = bíonn mámh is fhearr ná'n cíonán aige i gcomhnuidhe; tá sé an-bhuailteach; bíonn sé tráthamh-ail leis a' mámh bairr i gcomhnuidhe. "Is deas a chuaidh mo dhó beag isteach biorach ingan-fhios do na gadhair mhóra ar fad." "Shíl mé go dtiocfadh mo shé fút biorach, ach níor thug sé an eang leis in a dhiaidh sin" = buaileadh a chárta sul ar shroich sé an té a raibh sé a' cainnt leis.
"Ní chuirfinn ag imirt chnaipí thú! Scaoil tú an fear seo thall isteach biorach ag a' pháirtidhe, a's 'fhusacht duit an seaichtín salach a bhí aige a bhualadh!"
"Céard tá 'teacht biorach?" = "cé'n cárta ar leis? "cén cárta atá 'teacht gnóiththeach. "Bhí leisce orm baint leis an gceathair, a's leig mé tharm biorach go dtí fear déanta é." "D'iagcóir Dé dhuit a bhain leis a' t-aona heairt nar leig isteach biorach í, go bhfaghainnse snaidhm uirre le mo chuileata." "Ní féidir gur leig sib isteach biorach é, a's triúr agaibh annsin le na bhacadh."
"Ní thiocfa mise imbarr do chúig ort, ó leig 'chuile dhuine eile isteach biorach thú" = ní bhuailfe mise thú, ó thug do chárta an eang leis, go dtí seo. "Is ait a chruthaigh mo thrí, a's an cúrsa a dhéanamh biorach." Tuille ghéar do'n diabhal agad anois, a leig an dó isteach biorach a's a bhualadh istigh in do ghlaic." Dhá n-eirigheadh le mo dheich a dhul timcheall biorach, lomfainn an chuileata." "Shíl mé go dtiocfadh an bhainríoghan timcheall biorach, a's bheadh tuitim imeartha agam annsin leis a' gcuileata, arae bhí drámhaisí ar foghnamh agham. In a leaba sin, is amhla a bhánuigh mé mé fhéin, a' gabhail 'san áit nar bhain dhom." "Níorbh é mo cheart cur fútsa chor a' bith, ach ní fhéadfainn a mhaltraid a dhéanamh lá's go raibh do pháirtidhe ag dul isteach biorach." "Fhobair do mo sheacht srianadh isteach biorach."

Biorachaí = daoine, nó cártaí a bheadh a' teacht buaidhteach, nó gnóithteach, nó ar chuid gnothachan.

"Buailfe mise biorachaí, hébrí cé'n chaoi a racha liom."

"Sceannfa mé biorachaí rómham, is cuma cé'n chaoi a dtiocfa an saoghal dhom." "Ní leigfe mise biorachaí thar mo dhorus, chomh uain's 'bheidheas tada agham."

"Bailigheadh le biorachaí anois" = "Sin é an deasú (an gléas) ar bhiorrachaí" (iad a bhualadh). "Mo chuach mé fhéin, nar leig biorachaí tharm ariamh, mara mbeinn feidheartha ar fad." "Tá biorachaí a' teacht ag mo dhorus (i.e ag dul tharm) ar feadh na h-oidhche a's gan goir agam drannadh leo(b)."

"Tá mo ghlaic bánuighthe a' bualadh biorachaí beaga, truaillighthe leat, i gcaitheamh na h-oidhche" = Bhíodh cártaí beaga fánacha leis a' gceann eile, a' teacht isteach buaidhteach (nó biorach) faoi i gcomhnuidhe, a's chailleadh sé cartaí maith dhá mbualadh. "Is ait na cártaí atá mé 'chailleadh le biorachaí fánacha." "Chuaidh tú le cráin eicínt, a's an deis atá ort a' gabhail tharm biorach, ó tháinic an oidhche" ("teigheann duine le cráin", nuair a bhíos ádh imeartha air).

Marach go gcuireann tú scailp eicínt 'sna cártaí, do cheann fine, ní fhéadfadh a theacht biorach mar sin 'chuile phuínnte."

"Ní minic leis biorachaí a leigean thairis, gan snaidhm a thabhairt uaidh, má bhíonn tada de'n rath aige." "Fanócha biorachaí uaimse feasta, deirimse leat, th'éis an iarrtha sin." "Is fada anall fúmsa a tháinic biorachaí, a's a fhusacht dóib fanacht sa mbaile. Ach ní thiocfa siad aríst ann" (nuair a bhuailfeadh duine snaidhm ar dhuine a tháinic faoi, a's nar cheart dó a theacht faoi; narbh é áit é)

(d) Srumh nó púcóg a cuirtear ar chloigeann laoigh nó searraigh le na gcoisceadh. [bearach a tugtar air in áiteachaí

"Caithfidhear biorach a chur ar a' laogh sin, mar ní féidir é a choinneál ó dhiúl." "Ní fhágfadh sé striug bhainne ag a' mbó, marach gur cuireadh biorach air." "'Sé 'bhfuil le déanamh agad leis, biorach a bhualadh air, go n-eirighe sé as an bhfaisean sin." "Má cuireann tú biorach air, leigfe sé de'n diúl." "Tá'n laogh sin a' cothú an-tsuaidhte, ó cuireadh biorach air: níl ithe a chodach chor a' bith anois ann." "Sin é an deasú anois air, biorach a fháisceadh air." "Deir tú leis a' suc de laogh sin, nach leagfadh smut ar aon-deoir bhainne, ó cuireadh a' bhiorach air. Ach ólfa sé ar ball é, feicfe tú fhéin air, nuair a theánnfas an t-ocras leis." "Tá sé gránuighthe ar a' mbainne ó cuireadh an bhiorach air: is beag a' tsásuigheacht atá air, nach bhfaghann sé cead diúil." "Is mór a' t-iongnadh nach gcuirfidís biorach ar a' laoighdín siúd, a's gan é 'bheith diúl fós." "Tá faitchíos orm, faoi nar imthigh an faisean fós uaidh, go gcaithfear biorach a choinneál air, chomhuain's bheidheas an mháthair ar a lacht." "Cé'n chaoi bhféadfadh a bheith in a lacht (lacht bó) ach a' teirgéis, a's an peata de laogh sin a' diúl uirre 'chuile ré soluis, i leaba biorach a chuir air, nó é 'dhealú uaithe." "Is beag a' fonn táil atá uirre ó cuireadh biorach ar a' laogh."
"Shílfeá go raibh sé luath go leor aca(b) biorach a chuir fós air. Ní mórán de lacht a mháthar a fuair a' créatúr."
"Is dona an rud biorach a chuir ro-luath ar a' gcéad laogh, mar ní mian le na máithreachaí tál, má chuirtear."
"B'eigean biorach a chuir air, arae dá bhfaghadh sé leigean a' bith ar a' máthair, bhí sé rithte a' diúl uirre."
"Tá tú a' déanamh éagcóra ar a' laoighdín sin, biorach a chuir air." "Bhí biorach ar sin, go raibh sé suas in a ghamhain, arae níorbh fhéidir é 'choisceadh ó dhiúl na máthar."

Biorrú (biorruighim, biorróchadh etc) = briathar
= rud a ghéarú as a bharr; rud a shnuigheachan i riocht's go mbeidh rinn ghéar air; rud a dhíriú, a árdú, nó a chur in a choilg-sheasamh as a bharr.

"Ní mór na claidhtheachaí sin thiar a bhiorrú" = aon-mhainnt atá in a mbarr a thógáil, clocha ar bith atá tuithte dhá mbarr a chuir orra, i riocht's go mbeadh a n-uachtair cothrom.
"Tá fear a' tighe seo a' biorrú claidhtheachaí indiu." "Ní bhiorrócha mé an claidhe sin, go mbí an cur críochnuighthe agham." "Ó thárla an lá a bheith diombaluighthe anois orm, tiocfa mé scathamh a' biorrú claidhteachaí." "Níl aon-chlaidhe a' gabhail leis nach bhfuil biorruighthe aige." "Shílfeá gur garrdha gabhann é 'chuile gharrdha a' gabhail leis, tá na claidhtheachaí chomh biorruighthe sin aige." "Dhá mbeadh chuile shórt déanta aghainn, go dtí claidhtheachaí a bhiorrú, dheamhan a mbeadh basctha dhínn." "Tá sé thar am na claidhtheachaí sin thuas a bhiorrú feasta, a's gan iad a bheith 'na mbéal in áirde ag a' tír. Sáthach fada atá cead-scuir, ag caoirigh chuile dhuine ar a' (= ar) gcuid, ó tháinic a' bhliadhain." "Ní mór an claidhe ó thuaidh a bhiorrú as éadan." "Bhiorruigh mé na claidhtheachaí sin, tá mí ó shoin, ach sé'n mhaith amháin dhom é. Tá siad béal in áirde aríst." "Dhá mbiorr(uighth)eá an claidhe céadna chuile lá a d'eireochadh ort, sé'n cás céadna é. Bheadh sé curtha in aer aríst ag daoine atá 'gabhail thart a' bóthar." "Sílim go bhfuil sib réidh le aithghiorra a dhéanamh sa gcasán siúd níos mó. Tá'n mhaol-bhearna tóigthe biorruighthe aige ó indé, a's chuala mé gur bhac sé daoine a dhul ann indé fhéin." "'Sé anois a thráth muis, a' biorrú an claidhe, nuair atá an fhoghail déanta." "Ní fiú dhuit a dhul a' bacadh leis a' gclaidhe sin a bhiorrú, go mbí na claidhtheachaí uileag ar aon-bhiorrú amháin aghainn." "Sin é a bhuac sin, a' plé le clocha, a's a' biorrú claidhtheachaí." "Bhí an claidhe biorruighthe agam suas go barr, nuair a thuit sé in aon -bhrúisc amháin go talamh aríst th'éis mo chuid anró." "Déan balla fidín idtosach, a's biorruigh suas annsin é le leath-chlocha."

"Biorruigh do chluasa" = dírigh iad; árduigh iad i gcruth
áirdill a's éisteachta; cuir cluais ort fhéin.
"Dhá mbeadh do chluasa biorruighthe agad, bheadh fhios agad, céard a bheadh
dhá rádh leat." "Bhí a chluasa biorruighthe nuair a bhí na
h-amhráin dhá rádh" = tá lear maith amhrán aige, arae, d'éist sé
leo, gur thóig siad. "D'airigh an madadh rud eicínt, arae bhiorruigh
sé na cluasa." "Má fheiceann tú a' biorrú na gcluas é
(asal) fan uaidh, mar sin é 'fhaisean i gcomhnuidhe, nuair a
bheidheas sé le farradh a thabhairt fút." "Chonnaic mé an
coinín ar a ghugaidín, a's a dhá chluaisín biorruighthe aige."
"Is beag adéarfaidhear i ngan-fhios dó. Coinnigheann sé na
cluasa biorruighthe i gcomhnuidhe." "Má choinnigheann tú do dhá
chluais biorruighthe, a's áird a thabhairt ar a' rud adéarfas
an maighistir leat, cé'n stró a bheidheas ort é 'thógáil
ach an oiread le 'scoláire' 'bith eile?" "Bíonn na cluasa
biorruighthe igcomhnuidhe aige, a's ní leigeann sé focal a' bith uaidh."
"Ní raibh sé sin achar a' bith a' tógáil Gaedhilge, ach bhíodh na
cluasa biorruighthe igcomhnuidhe aige, a's a leaibhrín in a ghlaic,
le chuile shórt adéarfá a scríobh síos." "Shíl mé nuair
a chonnaic mé an madadh a' biorrú a chluasa, gur airigh
sé coinín." "Airigheann a' t-asal sin rud eicínt. Tá na
cluasa biorruighthe aige." "Bhiorruigh an capall na cluasa
a's thosuigh sí a' síonghail. Bhuail faitchíos mé go raibh
sí oilbhéasach." "Shíl mé gur le oilbhéas a bhiorruigh sé na
cluasa, ach níorbh eadh, ach le fonn luaitéise" (madadh)
"Bhiorruigh an madadh na cluasa, a's chuir sé colg air fhéin
liom." "Is áidhbhéil a' rud atá sé indon a dhéanamh.
Biorruigheann sé na cluasa mar dhéanfadh madadh, uair
a' bith a thogruigheann sé é."

Deirtear go mbíonn súile nó teanga daoine biorruighthe
freisin corr-uair, nuair a bhíos a n-amharc, grinn friochanta
a's ruibh na cainnte orra, nó iad abartha.
"Tá na súile biorruighthe aige i gcomhnuidhe, le faitchíos go mbeadh
tada in aon-áit ingan-fhios dó."

"Tá sé a' biorrú scoilb" = a' cuir barr géar orra, i riocht's go mbeadh siad ion-tsáithte ins na strácaí.

"Tá beart scolb le biorrú agham." "Ní dheacha sé ar cuairt chor a' bith aréir, ach a' biorrú scoilb." "Ní féidir corruighe anonn ná anall aon-oidhche sa mbliadhain aige, ar fud a' tighe, de bharr caoladóireacht' nó scoilb a bhío(nn)s le biorrú."

"Bhiorruigh sé scoth-bheairtín maith anocht." "Níl aon-ghoir agham a dhul a' biorrú, go ngéaruighe mé an mhiodach seo."

"Sean-rasúr atá aige, a' biorrú na scolb." "Níl sé a' tabhairt leath-bhiorrú ar na scoilb." "Mara mbiorruighe tú mar is ceart iad, ní thiocfa siad thríd a' díon."

"Deir siad nach bhfuil aon-mhaith a' biorrú le fear a' bith, mara bhfuil sé indon an scolb a bhiorrú le dhá scor scine."

"Corr-fhear atá indon scolb a bhiorrú le trí scor fhéin."

"Tá sé siúd chomh deas-lámhach, a's go mbiorróchad sé scolb le scor amháin." "Is puinnteáilte uaidh na scoilb a bhiorrú." "Níl aon-rath a' biorrú leis, arae ní fhágann sé slis a' bith ar a' scolb." "Tá siad gan biorrú, leabharsa, má's a' taobh leis sin atá siad, le na mbiorrú."

"Cá bhfaigheadh sé sin a bheith indon scoilb a bhiorrú?"

"Bíodh sé indon a mbiorrú, nó ná bíodh, buailfe sé fútha(b)." "Mhill diabhalánach de ghasúr ámhuilleach leath-chéad scolb orm, mar dhoigh dhe, go raibh sé dhá mbiorrú."

"Níor bhiorruigh an gabha an chocáil sáthach maith ar a' gcrúdh."

"Ní f'learr dhuit na tairngí sin a bhiorrú, arae tá siad ro-mhaoluighthe as a' mbarr." "Biorruigheann a's géaruigh-eann an gabha na tairngí seaca, sa mbealach go mbéarfaidís greim ar a' reothalach." "Biorruigh an pionna sin dhom, go gcuire mé i stuaicín na 'cribeach' é ["crib" = crib ar chairt]. "Mara mbiorruighe tú é thairis sin, ní thiocfa sé sa bpoll seo." "Ní mór do na scoilb an-bhiorrú le dhul thríd an tuighe láidir seo."

"Bearrann sí a's biorruigheann sí 'cuid ingne 'chuile lá dhá n-eirigheann uirre."

Bleághanach = taoscán mór uisce, bainne, fuisce, leann, fual etc.

"Bhí an-bhleághanach fuisce ólta aige." "Bhí an-bhleaghanach bainne ag a' mbo trathnóna, go leige dia slán í!"
"Rinne sé bleághanach sa leaba."
"Tháinic fonn múisc' orm a's chuir mé bleághanach diabhalta amach." "D'ól mé an-bhleághanach bláthaighe, mar bhí tart a' ghoirteamais orm" = bhí tart orm de bharr éisc nó feola guirte, a's d'ól mé an-scallach bhláthaighe le na choisceadh.
"Tá an-bhleághanach uisce caithte aige" = báisteach mhór.
"Dhoirt sé an buicéad uisce in aon-bhleághanach amháin anuas ar an urlár."
"Thug sé an-bhleághanach len' ól dom, ar an aonach indé."
"Tabhair dhom bleághanach uisce go beo mar tá íota tairt orm."
"Cá bhfuair sé an bhleághanach sin le n'ól?"
"Is beag a' dochar dhó 'bheith otraighthe fhéin mar ólann sé bleághanach mar sin go minic." "Rinneadh a' bualadh céadtach ann, a's a' bhleághanach fhola 'bhí ar a' mbóthar ar maidin, th'éis na h-oidhche"
"Bhí bleághanach ar fud a' tseomra, mar gheall ar a' mbáisteach anuas." "Is mór a chruthuigh sé a's a leithide sin de bhleághanach poitín a iomchur chor a' bith."

Blioscán (firinnscneach) = salacar guirt. D'fheicfeá a' fás ar thaobh a' bhóthair é nó ar chnocáin: "Silver weed."

"Tá an gort seo thiar loma lán le blioscáin."

"Blioscáin is mó atá in uachtar a' chúilín." "Níl dos a' bith le feiceál: sponnc a's blioscáin é fré chéile."

"Bhí sé 'cur bhlioscán in aer amach thar claidhe."

"Thiocfá ó na blioscáin; marach a' barráiste."

"D'imthigh an clampar ar a bhfuil de chur a' gabhail liom ag blioscáin."

"Tá'n tuar sin thíos ó rath ag blioscáin."

"Níl aon-bhlioscán sa tír, nach ina gharraidhe fataí atá" = níl aon-bhlioscán mórán in aon-gharruidhe eile ach ina gharruidhe seisean.

Blogam (= bolgam) bloigimín
(i) lán do bhéil; an oiread de lacht a's thóigfeá in do bhéal
d'aon-iarraidh amháin. (ii) faoi chainnt — focal nó
cainnt neamh-choitciannta nó gairéideach, nó focal nó cainnt a
mbeadh meadhchan innte.

"Chaith siar an blogam seo" = a' tairgeachtáil gloine fuisce nó óil do dhuine
"Ná déan an dárna blogam dó. Chaith siar in éindigh é."
"Ól a' bloigimín seo, a's go ndéana sé maith a's slainte dhuit!"
"A' n-ólfa tú blogam tae." "Suidh isteach a's ól dhá bhlogam tae."
"Tá sé in am aca(b) blogam fuisce a roinnt."
"Tiubhra sé aire do'n teach sin, an fhad's aireochas
sé aon-bhlogam fuisce in a dtimcheall."
"Níor ól mé deor ná blogam indiu" [Teigheann "deoir" a's "blogam"
le chéile]. "Dheamhan thiomanta deoir ná blogam a chuaidh
ar mo bhéal ó mhaidin."
"Níl dhá bhlogam bainne ag a' mbó le seachtmhain."
"Tá bainne dhá cheann sa gcanna sin anois, a's feiceann thú fhéin
nach bhfuil dhá bhlogam ann. Ní fiú í 'bhleághan chor a' bith níos mó."
"D'ól sé 'raibh ann d'aon bhlogam amháin." "Dhá bhféadainn a' bloigimín
'porter' a choinneál liom fhéin, ní bheinn basctha chor a' bith" =
dhá mbeadh luach a' 'porter' agam, ní bheadh cailleadh 'bith orm.
"Sin é fhéin an droch-bhlogam — an poitín atá aige sin" = tá a chuid
poitín go dona le n-ól. "Fuair muid bloigimín de 'bhainne
na h-easóige' a's chuir sé cuímne an tsaoghail as a' (= ar)
gceann" = fuair muid riar de 'bhainne dhubh na féile' (=
poitín), a's ní raibh cúrsaí an tsaoghail a' déanamh aon-imnidhe
dhuinn, uaidh sin amach. "Ar eirigh aon-bhlogam de 'bhainne
dubh na féile' leat indiu." "D'ól mé blogam de shugh na
h-eorna ("de shugh an ghráinne eorna") indiu" = d'ól mé roinnt nó
riar dhe. "Má fhaghann tú blogam dhe sin i dteas na pluide
beidh tú 'do bhriain óg ar maidin."
"Is fearr blogam easbadhach ná blogam iomarcach dhe sin" (d'ól)
"Tá bloigimín ar bord aige" = "tá ól déanta aige." = "tá blogam
caithte aige"

(ii) "Tá blogamachaí móra Béarla aige" = tá focla a's ráidhtí deacra, do-thuigse Béarla aige.

"Ar chuala tú na blogamachaí Béarla a bhí aige?"

"Is mór a' blogam Béarla é sin." "Eirigh as na blogamachaí móra anois, i riocht's go dtuigfe na daoine thú."

"Ní thuigfe muinntear na tíre seo, na blogamachaí móra sin chor a' bith." "Dubhairt sé blogam Béarla eicínt, a's ní rabh fhios agam ó Dia anuas céard é fhéin, ach tháinig mé leis, mar dhóigh dhe gur thuig mé é."

"Is breagh an blogam cainnte é sin" = cainnt shnuighte shlachtmhar a's meadhchan innte.

"Cá'r chuala tú an blogam cainnte sin, nó'n tú fhéin a chuímnigh air, as t'ughdarás fhéin."

"Is diabhaltach a' blogam é sin, maran ag duine eicínt eile a chuala tú é."

"Is dhó is fusa blogamachaí cainnte 'bheith aige, mar is beag í 'mhaith na mhaoin, cé's moite dhá léigheann sé."

"Ó'n 'athair a thóig sé na blogamachaí móra uiliog."

Bocht [aidiacht — feidhm ainm-fhocail leis amanntaí].
Bocht = daidhbhir, lom scabhartha; uireasbhach i maoin a's imbráigíll; truaighmhéalach; focal le cur i gceist, gur díol truaighe, nó gur maith an aghaidh truaighe é, an duine nó an rud atá sonnruighthe.
Dona; droch — x (rud a' bith); créachtach nó cneadhach; lochta nó éalannach suarach a' t-iongnadh; is beag a' dochar; ní iongantas.

"Tá sé bocht." "Tá sé bocht a's ní bocht go dtí é." "Is suarach a' t-iongnadh dhó a bheith bocht, a's an dola atá air." "Tá sé chomh bocht le na leithide a' bith." "Níl mórán sa tír chomh bocht leis." "Deirimse bocht leat, ach siúd é atá bocht." "Má's bocht, saidhbhir é, caithfe sí déanamh leis anois, ó phós sí é." "Is fhearr a bheith bocht
fhéin ná éalannach." "Níl duine a' bith bocht i láthair dé." "Is cuma le Dia má's saidhbhir nó bocht duine, ach 'aitheanta a choimhlíonadh." "Is breagh an rud a bheith bocht, le h-ais a bheith go dona do'n chomhursa."
"Tá 'chuile dhuine sa mullach ar a' té atá bocht." "Támuid bocht ó rugadh muid, a's beidh, chreidim, go dteigheamuid i dtalamh. Níl ann ach a' bheith 'baint lá as. A' caitheamh an tsaoghail a's an saoghal dhá('r) gcaith(eamh)"
"Má támuid bocht fhéin, níl muid doicheallach." "Má tá sí bocht fhéin, tá croidhe mór fairsing aice." "Is mór a' scéal é sin a bheith bocht, mar an fhad's bhí aon-cheo aige, ba mhaith faoi é." "Tá sé thar a bheith bocht anois. Níl bonn bán aige. Is gearr gur ag iarraidh a chodach 'fheicfeas tú ag imtheacht é." "Ní fhéadfadh an fear céadna a bheith ar a mhaltraid de chaoi ach bocht, a's 'sé a chionntsiocair fhéin é. Thug sé fuadach dhá raibh aige."
"Níl sé an-bhocht mar sin chor a' bith. Tá caitheamh a's faghail aige, as nach maith an rud sin. 'Caitheamh a's faghail beatha na naomh' adeir siad." "Tá sé chomh bocht le 'nímé cé hé'" = tá sé an-bhocht ar fad. "Tá sé de bheith ar chuid de na daoine a bheith bocht i gcomhnuidhe. InDomhnach eirigheann cuid eile as."
= eirigheann siad as a' mboichteanacht, a's cnuasuigheann siad maoin. "Má tá sé bocht — an cráidhteachán — ní boigréis ná rabairne atá dhá dheanamh dhó." "Is le 'na bheith bocht dó a bheith faireadh ar a' gcailli(gh) siúd, mar ní scarfa sí le leithphighinn ruadh dá cuid airgid, go gcáillteár í."

Beo bocht = a bheith 'maireachtáil ar éigin, de bharr na boichteanachta. "Tá sé beo bocht." "Beo bocht atá na daoine ariamh." "Tá sé beo, bocht mar 'chuile dhuine eile dhá bhfuil annseo." "Duine a' bith atá taobh le beithidhigh anois, is beo bocht atá sé." "Is le na bheith beo, bocht duit a bheith 'faire air sin." "Bhí sé in a shuidhe go te, tamall, ach tá sé beo, bocht anois, a's a' faghail a dhíol le déanamh, snáth a choinneál faoi'n bhfiacail." "Muise, dheamhan mórán le beo, bocht iad, aindeoin go bhfuil cuid mhaith gaisce a's gláimhthéisce aca(b)." "Níl tada le cois na sláinte aige anois. Tá sé beo bocht go leor." "Ní cás dó é, mara bhfuil sé ach beo bocht, ach shíl mise nach raibh bonn bán aige." "Bhí dath gach bó ar sliabh aca(b) tamall, ach ní mórán le beo, bocht iad anois." "Ní mórán samhaoine dóibsean a sean-athair a bheith ina ridire caorach, a's gan iad fhéin ach beo bocht, ní dhá roinnt leo(b) é." "Is dhó is fusa cótaí móra a cheannacht, ní h'ionann sin a's daoine atá beo bocht." "Níl sé ach beo, bocht, ceart go leor, ach cé'n neart atá aige air sin. 'Má's peacadh a bheith buidhe, tá na mílte damanta'." "Is mór leis, atá beo, bocht, a's gan aon-neart aca(b) air." "Beo bocht atá muid ó rugadh muid, a's beo bocht a bheidheas muid, go dteigheamuid i dtalamh, mara bhfuil ag Dia." "Dheamhan aithne anois, air, a raibh sé féin beo, bocht ariamh, le a bhfuil de ghoití a's de ghaileamaisidheacht aige." "Lag slán a mhic ó, a's beo bocht" [freagra a thug duine nuair a fiafruigheadh dhe, cé'n chaoi a raibh sé]. "Má tá sé beo, bocht, nach dhó fhéin is measa sin. Air fhéin, an duine bocht, atá a lear, a's ní orainne." "Má's fíor di fhéin, níl sí ach beo, bocht, a's is beag dhá cuid cluanaidheachta é sílim." "Dhá bhfaghaidís saidhbhreas Rí Sheoirse, beo bocht a bheidís in a dhiaidh, hébrí cé'n chaoi a gcuireann siad a' droch-bhail air." "Tá an-tsaothrú dhó, ach má tá fhéin, tá sé beo, bocht in a dhiaidh, mar nach gcuireann sé aon-bhail air, ach a' droch-bhail." "Is diadhachta dhó a bheith beo bocht, a's a bhfuil a chlann a shaothrú." "Marach a' t-udhachta is beo bocht a bheidís fós." "Bídís buidheach do'n sean-athair, a's dhá chuid airgid, nó is beo, bocht a bheidís le na saoghal."

"Is mairg a bheadh gan deoch
Is mairg a bheadh gan biadh
Is mairg a bheadh go h-olc
A's go bocht 'na dhiaidh" [sean-rann]

"Nach gearr a mhair sé — an duine bocht." [ní chialluigheann "bocht", daidhbhir annseo, ach go mbadh mhór an díol truaighe é, go bhfuair sé bás chomh h-óg]. "Tá a dhóthain ar aire thairis anois, an duine bocht." "Tá'n duine bocht go dona le seachtmhain." "Go ndeana Dia trócaire ar a' duine bocht, ba mhór a' scéal é!" "Chreidim gur cailleadh Neidín bocht." "Is mór a' peacadh a dhul a' fiachadh ar a' duine bocht." "Ní beag do'n duine bocht a' bhfuil air, cheana, a's gan tusa a' déanamh tuille air." "Is beag an náire a bhí air, a dhul a' bualadh an duine bhoicht sin." (b'fhéidir nach duine daidhbhir a bhí ann chor a' bith, ach duine ar leag Dia láimh air, nó bhí sean, craithte nó éalannach, nó a raibh an saoghal a' gabhail dá mhaidí air). "Céard a rinne tú ar a' bpáiste bocht."
"'Is dona an rud a bheith go h-olc a's go bocht in a dhiaidh'" [sean-fhocal — ní móide go gciallóchadh "bocht" annseo daidhbhir. Bheadh sé chomh dóichide go gciallóchadh sé éalannach, aithiseach, nó in an-chaoi. Chiallóchad sé amanntaí freisin, go mbeadh caitheamh ina dhiaidh ag an té a rinne an t-olc, arae nach dtiocfadh sé 'un tosuigh ná 'un tairbhe dhó fhéin]
"Sin é 'bhfuil dá bharr anois aige. Is dona an rud a bheith go h-olc a's go bocht in a dhiaidh."

Duine bocht = tugann sé igceist líon na mbocht fré chéile go h-iondamhail.
"Mac a' duine bhoicht" = duine nach mbíonn spré ná maoin aige a' bualadh faoi'n saoghal dó. "Is foghlamta an mac duine bhoicht é."
"'Sé atá leitheadach de mhac duine bhoicht." "Ní comhluadar a' bith an dream sin, do mhac duine bhoicht." "Is beag a' mheas atá aca(b) sin ar mhac duine bhoicht." "Cé'n ghna(ithe) atá ag mac duine bhoicht a' comórtas leo(b) sin! Chinnfeadh air, a bheith suas leo(b) th'éis a dhichill." "Is gléasta an mhaise dhó é, de mhac duine bhoicht."
"'Teigheann a' dlighe do'n duine bocht, mar theighea(nn)s, uisce an earraigh do na cearca'" = sciúrann sé iad; ní fhágann sé bonn bán orra. (sean-fhocal). "'Sé leas a' duine bhoicht, fanacht ó'n dlighe, ar chuala tú ariamh é: 'ingan fhios do'n dlighe is cóir a bheith ann'."
"'Sí bróig an duine bhoicht í" = bróg throm tairngí. "Ní beag do'n duine bocht a bhfuil len' íoc cheana aige, a's gan a bheith 'cur tuille

gearraidheachaí air, i gceann mar
tá air." "'Chuile shórt anuas ar a' duine bocht, ach b'amhla a bhí sé
ariamh, chreidim. Chuile rud a' luighe ar a' lagar, a's an lagar ar a'
talamh." "Is breagh an ball í idteach duine bhoicht" = bean bhreagh
dhathamhail, ghléasta." "Nach í inghean an duine bhoicht í!" = bean ghléasta
cailín Domhnaigh; bean bhocht, a mbeadh an iomarca cóirí catha
a's gaileamaisidheacht uileag aice. "Is breagh, áirgeamhail a'
teach duine bhoicht é" = teach breagh, áirgeamhail é, aindeoin
nach raibh tada le cois na sláinte ag a' té ar leis é fharras
aon-duine eile 'san áit. "'Siad na fataí beatha an duine
bhoicht." "Sé'n ceann-asna éadach an duine bhoicht" = ní chialluigheann
seo, gurb é, is iondamhla dhó a chaitheamh, ach cialluigheann
sé gurb é is foghaintighe a's is fuide a mbainfe sé
caitheamh as. "'Sí bean a' duine bhoicht í" = togha soláthruidhe
nó fátalluidhe de bhean; bean a bhfuil iarraidh a chodach
innte, a's atá seifteamhail, barrainneach. "Is ait a' bhean
duine bhoicht í." "Is leitheadach a' mhaise dóib é, de chlainn duine
bhoicht!" "Ní thiubharfa sé sin bolg anois do bheatha duine bhoicht! Tá
an iomarca cleachta aige ar fhuigheall na bhfuigheall a fhaghail, ach
inDomhnach bainfear as a chleachta é, má chaitheann sé i bhfad
annseo." "Má tóigeadh bocht fhéin é, dheamhan aithne anois air, gur
mac duine bhoicht chor a' bith é." "Chuirfinn geall gur beag a' mheas a bheadh aige
anois, ar bheatha an duine bhoicht. Is cam a bhreathnóchadh sé ort déarfainn
dá dtairgtheá 'scadán caoch', a's fataí tura dhó." "Tá'n fear
saidhbhir ceart go leor, ach 'sé'n duine bocht atá ag íoc ann i gcomhnuidhe."
"Rinne siad créatúlacht ar a' duine, chomh uain's fuair siad a chead, ach
d'eirigh an duine bocht in a mullach fhéin as deire na cúise" (na
tighearna talmhana). "Cuimhnighimse ar an am, nach n-óladh aon-duine
bocht aon-tae, thar chupla uair sa mbliadhain — lá chinn
bhliadhna, nó lá de'n tsórt sin. Fataí a bhíodh aige, ar chuile bhéilí.
Anois, tá fataí faoi ráta ar fad." "Tá sé bocht ó Dhia a's ó'n
saoghal!" "Tá bocht a's bocht ann, ach tá seisean dólom ar fad."

Fear bocht, bean bhocht, scoláire bocht etc.

Go h-iondamhail cialluigheann "bean bhocht" a's "fear bocht", fear nó bean a bheadh a' gabhail thart ag iarraidh a gcodach ó theach go teach.

Ba tréan sa tír iad — sa tír seo, ar aon-nos — trí fichead bliadhain ó shoin, a's cuid as lugha ná trí fichead bliadhain.

Sin é a tugtar orra fós freisin — "fear bocht" nó "bean bocht".

"Tá tú chomh luaithneach le bean bhocht ar aonach" = sin leath-fhocal.

"Tá sé ag imtheacht chomh luaithneach, le bean bhocht ar aonach."

"Tháinic bean bocht chuig an dorus a's d'iarr sí déirce in onóir dé a's Mhuire." "Má iarrann duine bocht déirce 'in onóir dé a's Mhuire', ní cóir é 'dhiúltú." "Ó bhean bhocht a bhíodh ag (d)ul thart annseo fadó, a thóig mé na sean-phaidreachaí sin." "Níor chuir sí bean bhocht ó'n dorus ariam, gan lóistín na h-oidhche a thabhairt di." "Fear bocht a bhí ann ag dul thart ag iarraidh a chodach." "Níor eitigh mé fear bocht ariamh faoi dhéirce ná faoi lóistín na h-oidhche." "Bhíodh fir bhochta a's mná bochta isteach in a sealtaí roimhe seo. Ní maith a bhíodh duine imthighthe nuair a bhíodh duine eile isteach." "Is mór a' mhaith a tháinic ar a' saoghal ó'n am a mbíodh fir bochta a's mná bochta ag (d)ul thart ag iarraidh a gcodach 'chuile lá, a's chuile phuínnte sa ló amanntaí." "Dheamhan ceird fhiuntach a' bith a bhí ann fadó, ach fir bhochta ag (d)ul thart ó theach go teach, poiléataraí a's botháin bheaga chois a' bhóthair aca(b), a's rógairí reatha a's tóruidhthe ag imtheacht a' robáil, a's a' sladadh. Níl tada de'n obair sin anois ann." "Is beag a bhéarfadh orm imtheacht in m'fhear bocht indiaidh mo chinn romham, a's ag iarraidh mo chodach ó theach go teach. B'fhearr dhom sin fhéin, ná ag iarraidh a bheith a' baint cirt dhíbse, a's gur mór líb dom, an greím a chuirim ar mo bhéal."

[Tá cuimne fós ar na scoláirí bochta, a's ar a gcuid leabhar, a's buadhannuigheachta. De réir a' tseanchuis sagairt "a chaill na grádhaimh", a's a bhíodh ag imtheacht rómpa a' deanamh filidheachta nó a' múnadh scoile, a bhfurmhór].

"Béal bocht" = duine a bhíos igcomhnuidhe a' casaoid ar a' saoghal, a's ar chora chruadha an tsaoghail, deirtear go mbíonn "béal bocht" air, nó aige. "Dhá mbeadh saidhbhreas Rí Seoirse aice, beadh an béal bocht aice, in a dheidh sin." "Ní fhaca mé ariamh é, nach hé an béal bocht a bheadh air." "Níl sa mbéal bocht sin, ach imeartas, ar fhaitchios, a mbeithí ag iarratas tada uirre." "Tá sé 'deanamh airgid as éadan, a's in a dheidh sin fhéin, tá'n béal bocht air — tá sin." "Tá'n béal bocht air, mara bhféada sé a dhá láimh, a chuir tímcheall ar a' saoghal." "Dhá mbeadh sé dhá ionnfairt fhéin in airgead, sé'n cás céadna é — bheadh a' béal bocht air, in a dheidh sin." "Déanfa sé béal bocht, má iarrann tú tada air."

"Is bocht, bocht an chaoi 'bhfuil sé!" = is olc, dona an deis atá air (nó'n cheird atá air)
"Is bocht an chaoi dhó a bheith ar an gcuma sin" = duine bheadh go h-olc a's go h-éagcórach, nó duine bheadh tugtha do'n ól etc. (ní chialluigheann sé daidhbhir. Suarach, éagcórach nó mí-bhéasach é). "Is bocht a' rud do dhuine a bheith go h-olc dhá chomharsa." "Is bocht a' rud d'aonduine a chuid a chaitheamh go dona nó go dreabhlásach, idteach an óil." "Is bocht a' chaoi do dhuine a bheith 'cur bréag ar a chomhursa mar sin." "Is bocht a' cheird atá air." "Is bocht a' bhail a chuir sé ar a chlaínn — is bocht sin." "Is bocht a' bealach atá leis — ní dhá roínnt leis é!" "Is bocht a' rud do dhuine 'bith a leithide sin do chleas a dhéanamh." "Is bocht a' chaoi do do chomhursa béil doruis, gan beannú dhuit sa mbóthar." "Is bocht a' bealach atá le duine 'bith nach dtaobhócha a chomhursa lá an anshógha." "Is bocht an éadáil do dhuine a' bith a bheith faire ar a' dá chircín sin, go mbeire siad." "Is bocht an éadáil dó, é 'chuir taobh leis a' méid sin, a's a bhfuair daoine eile." "Is bocht a' cúitiú a fuair sé ar shon a chuid soighlis — é a 'bhualadh isteach ar a' straois." "Is bocht a' chumaoin é sin le cuir ar dhuine th'éis a theacht an fhad bealaigh." "Dheamhan bréag nach bocht a' chumaoin a caitheadh linn ann, th'éis chomh moltanach a's chuala muid daoine air." "Is bocht a' lá dhó, an lá ar fhága sé an áit thiar" = b'olc. "Badh bocht a' lá di, an lá'r fhága sí an baile amach, ach cé'n neart a bhí aice air?" "Nach bocht a' tslighe do dhuine a bheith 'piocadh faochan! Ach céard eile atá ag na daoine!"

"Is buidhe le bocht a bhfuighe sé" = "déirce le bocht a bhfuighe sé" =
is beag a shásóchadh an duine bocht. [An darna leagan is mó a
bhíos i gceist anois, ach bhí an chéad leagan ag sean-daoine.
Tá'n sean-fhocal seo a's lom-aistriú air ag Seán Ó Neachtain
i Stair Éamuinn Uí Chléire — "yellow with poor what he gets".]
"Is buidhe bocht leis an méid sin fhéin a fhaghail" = "is díon déirce leis
an méid sin fhéin a fhághail" = "tá sé buidheach, as ucht a' méid
sin fhéin" = "tá sé sásta as ucht a bhfuair sé, mar is géar a bhí sé indiaidh
aon-cheo a fhaghail." "Is buidhe bocht leis an scilling fhéin a
fhaghail." "Is buidhe bocht liom a' cupán tae fhéin a fhaghail, mar
bhí mé scrútaighthe leis an ocras." "Cuirfe mise geall go mbadh
buidhe bocht leis, an cannda aráin fhéin a fhaghail, a's é a phlacadh
suas tur." "Is buidhe bocht liom é 'fhaghail a mhic ó! Shíl mé
go gcaithfinn é 'thabhairt dhá shiubhal abhaile in mo throsca."
"Is beag a' meas a bheidheas ar phunt aige an eadh! B'fhéidir
ar a shon sin, go mbadh buidhe bocht leis é 'fhaghail!" "Mara
dtaithnigheann siad leis, fágadh sé 'na dhiaidh iad. Níl duine a'
bith dhá dtoghaint air, ach b'fhéidir go mbadh bhuidhe bocht leis
iad 'faghail ar ball." "Ní bheadh aon-ghoir agad trácht ar
h-ocht bpunt leis ar maidin, ach ba bhuidhe bocht leis é 'thairiscint
dó trathnóna." "Ba deacair a díol d'fhear a fhaghail di, scathamh,
ach is buidhe bocht léithe cimleachán a' bith anois" = is corr-fhear
a mbeadh sí sásta leis scathamh, ach is furasta í 'shású faoi fhear
anois. "Nach h-iad na caisleáin atá tuitim a's na carn aoileachaí
ag eirghe! Badh buidhe bocht léithe fataí a's scadán caoch tamall,
ach ní mór léithe gríscíní anois ar 'chuile bhéilí!" "'Tá sé ag
(d)ul ar an iasc' adeir sí 'mar tá sé gránuighthe ar a' bhfeoil'.
InDomhnach shanntuigh mé fhéin a rádh léithe, go mbadh bhuidhe bocht
leis, an ruainne éisc fhéin a fheiceál ar a chiseoig tamall."
"Chleacht sé sin fuighleach ceart go leor, ach is buidhe bocht anois leis,
lóistín na h-oidhche a fhaghail, ní áirmhighim a mhaltraid (= mhalrait)."
"Nach hé an saoghal a d'imthigh, ó'n uair, ar bhuidhe bocht le
cuid de na daoine gráinnín tae siúcra a fhaghail ó na comharsannaí!"

Bocht (mar aidiacht a's feidhm ainm-fhocal leis, nó amanntaí ainm-fhocal dáiríre). "Mara chéile bocht a's saidhbhir anois." "Bhí sé ráidhte sa tarngaireacht go dtiocfad a' t-am a' mbeadh an gleann chomh mór leis a' gcnoc, nó mbeadh bocht a's saidhbhir mara chéile." "Is deacair a' bocht 'aithneachtáil thar a' saidhbhir ar a' saoghal seo." "Roinn le na boicht" = daoine bochta. "D'fhága sí a cuid airgid le h-udhachta ag na boicht." "Má b'fhíor gur fhága sí sin leath a cuid airgid le roinnt ar na boicht!" = Dubhradh gur fhága sí sin leath a cuid airgid le roinnt amach ar dhaoine bochta, ach chaithfeadh sé gur bréag é. "Is olc a' saoghal ag na boicht é." "Níl breathnú siar ag aon-duine ar na boicht" = ní chuimnigheann aon-duine orthu. "D-l leath 'cheart le na boicht! Breagh nach mbaineann siad amach a gceart fhéin, a's gan 'chuile dhuine a bheith a' magadh fútha(b)." "Níor thug sé leithpighinn déirce ariamh do na boicht." "Gheobha boicht ocras, ar a shon sin" = ní dhéanfa sé sin aon-fhóirithint orra(b). "Ní chásóchadh sé lear na mbocht, leath chomh maith" = ní chásóchadh sé bris ar bith ad'eireochadh do'n duine bocht (ach chásóchadh sé bris an duine shaidhbhir). "Gheobha boicht anshógh, mara bhfuil ag Dia." "Is gearr de lón do na boicht, na cupla scilling ghágach sin atá siad a' fhaghail" = ní mórán a bhainfeas daoine bochta as na cupla scilling shuarach (= "dole") atá siad a fhaghail. "Caithfe na boicht a bheith barrainneach th'éis a ndichill." "Gheobha na boicht rud le déanamh a's an bhliadhain seo a shárú, chor a' bith." "Ní beag do na boicht a raibh orra(b), a's gan a bheith a' cur in a cheann." "Badh iad na fataí lón na mbocht roimhe seo, ach tháinic maith ar a' saoghal ó shoin." "Níl teine ná teas ag na boicht istigh ar shlata na Gaillimhe, a's nach maith go maireann siad 'na dheidh sin." "Is ag na boicht a bhío(nn)s an croidhe mór i gcomhnuidhe." "Ní thuitfe mórán dhá chuid airgid ar na boicht ar aon-chor, hébrí cé air a dtuitfe sé." "Tá na boicht scriosta aige, a' baint a dhá luach amach ar 'chuile rud." "Ní fearrde na boicht é, aindeoin, má's fíor dhó fhéin, nach mbeidís beo, marach é."

Bocht a's nocht = duine ar bith; deoruidhe an bhéil bheo; mac na sceiche. "Ní raibh duine ná deoruidhe, bocht ná nocht ann." "Dheamhan bocht ná nocht a bhí ann rómham." "Nuair a thosuigh an t-achrann níor fhan bocht ná nocht istigh." "Dheamhan bocht ná nocht a d'fhéad corruighe amach indiu, ag a' díle bháistighe sin." "Níor labhair sé le bocht ná nocht, ach déanamh ceann-ar-aghaidh go ndeacha sé isteach." "Níl aon-chás aige siúd i mbocht ná i nocht. Bainfe sé a cheart amach nó's cinneamhaint air é, deirimse leat." "Ná cuir araoid ar bhocht ná ar nocht, ar íseal ná ar uasal. Is maith an rud do 'chuile dhuine a bhealach fhéin a dheanamh, a's inDomhnach is sáthach righte a theighea(nn)s sé le cuid de na daoine." "Ní raibh aon-cheo le rádh ag aon-duine leis. Bhí 'chuile dhuine, idir bhocht a's nocht buidheach dó, a's dar a shon nach mbeadh, arae ba bheag an ollóid an duine bocht." "Ní bhfuair bocht ná nocht brabach ariamh air. Bhí sé cruadh coinneálach, ar a' rud a bhí aige." "Ná bíodh fhios ag bocht ná ag nocht do scéal. An rud nach mbeidh 'fhios aca(b), ní dhéanfa sé aon-imnidhe dhóib." "Is mairg a leigfeadh a rún le bocht ná nocht. Ar chuala tú ariamh é: is mairg a leigfeadh a rún le bun an chlaidhe, go seasadh sé ar a bhárr." "B'fhearr gan bocht ná nocht a leigean isteach, mara leigtear isteach 'chuile dhuine as éadan. Beidh clamhsán eile aríst ann." "Dheamhan beannú a dhéanfadh sé sin do bhocht ná do nocht. Duine dúnárusach, dorcha atá ann." "Tá bocht a's nocht aca(b) mara 'chéile. Níl maith aon-duine a bhaint as margadh." "Tá'n ealadhain chéadna a' siubhal leo(b) fré chéile, idir bhocht a's nocht."

"'Sé'n chineál amháin iad idir bhocht a's nocht" = 'sé'n dream amháin (na daoine céadna, an mianach céadna daoine) iad idir bhocht a's nocht. "Ní leigfinn do bhocht ná do nocht siubhal orm, go gcinneadh orm."

"'Nuair a theighea(nn)s bocht go nocht, teigheann sé go gabhail éadain'" = "'nuair a theighea(nn)s boc go h-ursain, is mian leis a dhul go gabhail éadain'" [dhá leagan ar a' sean-fhocal céadna] = nuair a

fhagha(nn)s bodach ordlach, is mian leis banlámh a thógáil = nuair a fhaghas duine greim ar a' saoghal, beidh sé ar siubhal, go mbí an saoghal uileag aige, má fhéadann sé = "Put a beggar on horse-back, and he will ride to hell". ["Gabhail éadain" — féach "gabhail"]

"Is deacair é a cheannsú anois, arae ar chuala tú ariamh é: "'nuair a theighea(nn)s bocht go nocht, tiocfa sé go gabhail éadain'". "Má fhaghann sé cead a chomhairle fhéin anois, dheamhan 'fhios céard a dhéanfas sé: 'nuair a theighea(nn)s bocht go nocht, teigheann sé go gabhail éadain'."

"B'fhurast' aithinte ar an imtheacht a bhí faoi, go ndeanfadh sé rud eicínt as a dheire. Is deacair an sean-fhocal a shárú: 'nuair a theighea(nn)s bocht go nocht, teigheann sé go gabhail éadain'."

"Ní mór guaim a chuir air anois, nó dheamhan fhios céard a chaithfead sé 'na cheann a dheanamh. 'Nuair a theighea(nn)s bocht go nocht, is mian leis a dhul go gabhail éadain'." "Ní fhanócha ceannus ceann a' bith air th'éis a' méid sin, arae, mar deir fear Mhuigh Cuilinn, 'nuair a theighea(nn)s boc go h-ursain, is mian leis a dhul go gabhail éadain'." "Ní chomhnócha sé anois, go dteighe sé sa Dáil, ó d'eirigh leis a chosa a chuir idtaca chor a' bith. 'Nuair a theighea(nn)s bocht go nocht, teigheann sé go gabhail éadain' tá fhios a'd". "Is maith nach mór a bheith 'san áirdeall anois air, mar ó theighea(nn)s bocht go nocht, bíonn sé ag iarraidh a dhul go gabhail éadain." "Tá an náire caillte aige, a's ó theighea(nn)s bocht go nocht, teigheann sé go gabhail éadain" ('un dreabhláis atá i gceist annseo).

"Tá sé a' deanamh aois díobhchaill ar fad anois, ach b'fhurast 'aithinte ó thosuigh sé chor a' bith, gurb shin é an bhail a bheadh air: 'ó theighea(nn)s bocht go nocht, is mian leis a dhul go gabhail éadain'." "Tiocfa sé 'un dreabhláis críoch-nuighthe anois, ó thosuigh sé ar an ól aríst. 'Má theigheann bocht go nocht, teigheann sé go gabhail éadain', mar deir a' sean-fhocal." "Níl cló stiúrtha a' bith anois air, níl sin ach d'eile cé'n chóir a bheadh ar a leithide. 'Ó teighea(nn)s bocht go nocht, teigheann sé go gabhail éadain'."

cos, lámh, lot etc bocht = go dona; séidthe; attha; in a búistiún; lán droch-adhbhair; go suarach le breathnú uirre.

"Tá cois bhocht aige" = cois a bheadh athta nó séidthe, nó droch-lot uirre. "Is bocht a' láimh atá air." "Is bocht a' rúitín atá aige." "Is bocht a' ghlúin atá aice. Tá sí séidthe suas ar fad." "Dheamhan a dhath ariamh ad'eirigh dhom, ach gur seas mé ar chloich ghéir, a's rinne sí sileadh. Ach inDomhnach is bocht a' chois anois í." "Beidh fiannuidheacht air siúd, shul ó fhéadfas sé aon-chois a chuir faoi. Is bocht an lot atá air — an duine bocht." "Is bocht an láimh atá aige. Tá sí in a búistiún le at." "Dheamhan fhios agam ó dhia anuas, céard adeirigh do thaobh mo choise, ach is bocht a' lot atá uirre ar aon-chor." "Sé'n tsiocair a bhí agham, idtosach, mé a' bheith 'biorrú claidhe ar gharrdha na bplanndaí annsin thiar, a's thuit spala ar ucht mo choise. D'fhan mar sin, go cheann cupla lá, a's rinne sí bracha. Dhá shileadh a leig mé aisti, ó shoin, ach is bocht a' bhail atá uirre fós." "Níl aon-ghna(ithe) aghad a bheith a' forcabhás air sin le mórán conganta a thabhairt duit go gcneasuighe a láimh, a's tabhair láimh bhocht uirre!" "Sáthach bocht atá druim a láimhe fós, th'éis a' bhrughadh sin a fuair sí." "Mara bhfuil ag Dia, gheobha sé rud le déanamh ó na chois. Tá lot bocht uirre." "Tá cois sáthach bocht aige fós. Chaithfead sé nach dtáinic máthair a' droch-adhbhair amach chor a' bith." "Tá ainfheoil a' teacht ar a' lot, a's tá sé an-bhocht fós." "Bíonn sé a' strócadh le pian in a láimh, a's is suarach a' t-iongnadh dhó sin, arae, is bocht a' lot atá air." "Tharraing a' snáth leonta cuid mhaith de'n droch-adhbhar, ach tá rúitín sáthach bocht fós aige mar sin fhéin." "Tá faitchíos orm go gcaithfe sib a' t-Earrach a dheanamh ar mo shonsa. Tá mo chois chomh bocht fós, a's bhí sí an tseachtmhain ar leon mé í, hébrí cé'n t-ughdar nach bhfuil sí a' chneasú feasta."

Bocht = ní iongantach; nach suarach a' t-iongnadh; nach beag a' dochar.

"Má tá an t-Earrach déanta aige fhéin aige, nach bocht dó sin! Áit a bhfuil dháréag a's píobaire!" = is suarach a' t-iongnadh dó (is beag a' dochar dhó; b'iongantas é mara mbeadh; tá air aige; is ceart dó; etc) an t-earrach a bheith réidh aige (an cur a bheith déanta aige), arae tá congnamh mór aige. (Trí dhuine dhéag cloinne, nó go leor cloinne). [Aindeoin gur focal do-mhínighthe go leor é "bocht" i leaganachaí de'n tsórt seo, is focal coitchiannta é, a's ní baileach go bhfuil ceachtar de na focla réamh-luaidhte ar choimh-chéill leis. Sé'n leagan "is beag a' dochar dhó" is goire col leis. Ach i ráidhtí gearra, is mó a baintear leas as, mar bheadh duine faoi iongnadh as ucht cainnt a chaith duine eile, nó a shamhail, cuirimigcás:
Seán: "Tá Pádraig Ó C. an-deiseamhail
Peadar: nach bocht dó sin!" (= is beag a' dochar dhó sin; is aige atá slighe a bheith deiseamhail — neart talmhana, maoine, conganta, nó eile). Ach ní bhíonn tligean diúltach air an gcainnt i gcomhnuidhe. Cloistear "Is bocht dó sin" etc.]
"Bhí lán a chraicinn d'olc air, a's ba bhocht dó sin — fear a raibh a chuid mhillte, a's gan sásamh na séanadh le faghail aige faoi." "Nach bocht dó a bheith claoidhte fhéin — fear nar fhága an leaba, a's nach ndeacha greim ar a bhéal le chúig lá!" "Nach bocht dó, a dhul a' breathnú ar a dheirbhshiúr!" "Má tá sé subháilceach féin linn is bocht dhó sin! Is fada go mbí a bhfuair sé annseo, cúitighthe aige." "Nach bocht dó a bheith fuar, má chaith sé an oidhche amuigh faoi'n doininn sin!" "Má tá sé falamh fhéin, nach bocht dó sin — fear nar ghnothuigh oiread a's cluithche ó shuidh sé anocht ag clár na h-imeartha." "Is bocht dó a bheith le cuthach a's le báine! 'Sí a leas-mháthair a thóigfeadh air, é, a's an bhail a chuaidh air." "Nach bocht dom codladh a bheith orm — fear a chaith an oidhche aréir ar neamh-chodladh!"

"Nach bocht duit sin! Is mór a' t-ughdar gaisce do dhuine, cupla punt a thabhairt dá mháthair, faoi'n Nodlaig, nó faoi Cháisc, a's a liachtaí rud atá glaodhach uirre!" (duine a bhí a' déanamh gaisce, faoi'n méid dhá saothrú a bhí sé 'thabhairt uaidh le h-aghaidh an tighe). "Nach bocht dó go deimhin a bheith as cionn a chuid oibre, a's an congnamh atá aige! B'fhéidir, dhá mbeadh sé aonraic, fearacht daoine eile, go mbeadh sé chomh mór 'un deire le 'chuile dhuine." "Má tá airgead tirm fhéin leagtha thairis aige, nach bocht dó sin! Dá mbeinnse a' saothrú cheithre phunt sa tseachtmhain, measaim, go mbeidhinn in mo ridire." "Is bocht dó a bheith in a bhromaire, a's an bheathú atá sé a fhaghail. Tá sé sactha le 'na bhfuil sé, 'ithe, de thogha chuile chineál." "Má tá imnidhe fhéin orm nach bocht dom sin! Cé'n uair cheana a d'fhan sé amuigh go mbeadh an oidhche caithte thar druim, mar seo." "Nach bocht dó an méid sin a dhéanamh, a's é íoctha air!" Má tá mé tuirseach fhéin nach bocht dom sin — duine a tháinic cúig mhíle d'aistear a chos, a's gan blaiseadh dhe ghreim ná de dheoch fós indiu."

"Mo dheaide bocht, bocht, a's a mhaide faoi'n ucht a's é a' sileadh na ndeor, ó mhaidin go neoin" nó "mo dheaide bocht bocht, a's a mhaide faoi'n ucht, as é a' sileadh na ndeor, a's ag ól dighe as tobairín na féasóige" (Dá leagan ar a' tomhais atá ar bhun-tsop)

Bodhránach = ainm-fhocal, firinscneach, iolraidh — bodhránaigh

Bodhránach = (i) duine bodhar; bodhrán; duine gan mórán guis, ná meabhrach; duine nach dtiocfadh isteach ar fhoghluim a thógáil go réidh; cluasánach, nó dallarán.
(ii) rud ar bith moirteamhail, marbhthánta, nó gan aon-sponnc, cuirimgcás talamh, eanach, móin, nó a macsamhail.

"Dheamhan ann ach bodhránach bradach. Bhí sé chomh maith dhuit go díreach glan a dhul a' cainnt leis a' gclaidhe, le dhul a' cainnt leis." "Ara dheamhan blas (: foghluime) a thóigfeas an bodhránach sin go bráth. Is geall le duine é, nach mbeadh gus a' bith ann." "Cé'n ghar dhuit a bheith a' cur do chuid cainnte amudha le na bodhránaigh sin, a's gan aon-'scil' acu sa rud atá tú 'rádh, ach an oiread's dhá mbadh Laidin a bheadh ar siubhal aghad." "Dheamhan a dhath éirime istigh i gcloigeann an bhodhránaigh sin, a's mara bhfuil fhéin, ba dual dó 'bheith amhla." "Níl aon-duine ar a' bhfeadhain acu nach mar chéile atá — bodhránaigh bradacha gan meabhair, gan gus." "Chaith an maighistir dúthracht leis an mbodhránach is mac dhó, ach má chaith, b'fhearr dhó in a chomhnuidhe. Ní raibh sé indon faice a thógáil." "Ní casfaidhe a macsamhail de bhodhránach leat in do shiubhal lae. Is truagh di, má bhíonn sí amhla i gcomhnuidhe. Th'éis a bhfuil de spré aice, dheamhan fear a gheobhfas sí le na loiseag. Cá'il a' té a phósfadh bodhránach mar í siúd?"
"Má tá suim in do theachtaireacht aghad, cuir duine gusamhail léithe, a's ná bí i dtuilleamuidhe an bhodhránaigh sin, a thiocfadh ar ais aríst b'fhéidir a's a dhá láimh chomh fada le chéile."

"Níl innte ach bodhránach móin bhán" = móin bhán í, gan aon-sponnc. Tá fuigheall uisce innte fós, a's tá sí an-do-dheargtha.
"D'iagcóir dé dhaoib, nach in a ndiaidh ar a' bportach a d'fhága sib an bhodhránach de mhóin sin. Tá sí thíos ó mhaidin a's dheamhan deargadh a rinne sí fós, mar is ceart, ach a' cnádadh léithe mar 'fheicea(nn)s tú anois í." "Dheamhan fód móna a' gabhail linn anois ach bodhránach de spaidealach bhradach nach féidir ceart a' bith a bhaint di. Aon-fhód ar foghnamh bhí aghainn díoladh í idtús bliadhna." "Tá tú gan ughdar teine, má's a' taobh leis a' mbodhránach sin atá tú."

"Is beag a' dochar dhom a bheith thíos sa talamh fhéin, ag iarraidh a bheith a' bruitheachán leis a' mbodhránach móna sin. Dhá gcuirtheá síos í, ar eirighe dhuit ar maidin, dheamhan a' mó, ná lasta a bheadh sí trathnóna." "Móin lagphuill í, a's ní raibh an t-ionnlach go maith aice. Tháinic fúithe nuair a bhí sí 'na gróigíní, a's tá a shliocht uirre: dheamhan innte ach bodhránach gan sponnc a' bith." "Ná bac le greas ná teas a bheith i bhfeoil chapaill, ná i mbarrannaí íochtair. Tá sé amhla le na portaigh atá aghamsa ar chaoi ar bith. Dheamhan fód ar foghnamh ar a bhfuaid, ach bodhránach a's spaidealach." "Ní bhfuair muid sásamh 'bith ar an aistear deireannach sin a thug tú de'n phortach. Bodhránach bradach í, gan chuma gan chaoi." "Dar liom fhéin nach bhféadfad sib a bheith taobhmhar leis a' mbodhránach de mhóin sin, a's ar bhain sib imbliadhna. Ní féidir nó tá fód rathamhail in áit eicínt agaibh!"

"Dheamhan fata a thiubharfadh na barra-garbha sin thuas agamsa gan ath-shaothrú a dhéanamh aríst orra(b). Bodhránach bradach talmhana iad." "Ó tháinic faoi'n bportach sin, tá sé in a bhodhránach cheart chríochnuighthe." = ó d'árduigh an t-uisce faoi, tá sé moirteamhail marbhánta. "Maidir le na bhfuil de thalamh annsin suas aige, ní thiubhrainn deich triuf air. Tá sé 'na bhodhránach le uisce." "Má thriomuigheann tú go maith é (: talamh garbh), b'fhéidir go bhféadfá é 'shaothrú, ach dheamhan fhios agam. Tá sé in a bhodhránach le uisce, mar tá sé."

Bogán: (i) ubh a bhéarfaidhe gan aon-bhlaosc, ach scamall uirre.
(ii) duine beag éidtreorach; duine bog, iadhta; duine nach mbeadh gnaoi ná guth air igcomhluadar áithrid. [Tugtar de leas-ainm ar dhaoine beaga, éidtreor-acha é].
(iii) bogán — bogach is cosamhail.

"Tá an chearc sin a' breith bhogáin ó tháinic an bhliadhain."
"Níl dá barr ach bogáin." "Cuir síos an bogán sin sa luaith a's ith é."
"Ní thiubharfainn bogán spideoige ort" adéarfá le duine nach mbeadh aon-mheas agad air. "Ní thiubharfainn bogán spideoige ar a bhfuil istigh sa teach aca(b) má tá sé 'cínnt orra(b), fear amháin a cheannsú."
"Ní thiubharfainn bogán spideoige air, ma chinn air, an scurach sin a leagan." = ní thiubharfainn deich triuf air, mara raibh sé indon an scurach sin a leagan.
"Ní fiú bogán spideoige a bhfuil de thalamh a' gabhail leis" = "ní fiú do sheacht mhallacht é."

"Níl ann ach bogán beag, bídeach" = duinín beag, éidtreorach.
"Céard atá bogán a rádh?" = céard atá an frighdeoirin beag dona a rádh.
"Ar ndú (= ndóigh), ní indon achrainn, atá an bogán siúd."
"Is bainte amach atá an bogáinín sin muis, ná fear urradhanta."
"Dar príosta muis, d'iarr an bogán sin mná ar foghnamh."
"Ní chreidfeá ach an gníomh atá annsin muis — má's bogán do scéal-sa."
"Má's bogáinín fhéin é, is feairín cruadh miotalach é."
"Cá'il a' bogán seo a' teacht?" = duine nach mbeadh aon-iarracht air i gcomhluadar. "Níorbh fhearr linn againn an bogán, ach go raibh leisce orainn, aon-cheist a chuir air."
"Shiubhail a' bogán de phóilidhe, atá thíos annsin Tigh an Ch. anall chugainn, a's 'sé dubhairt go beo, droch-mhúinte, nach raibh aon-chead againn a bheith ag imirt ar a' mbóthar."
"Bogán otruighte de bhean í" = bean bhog iadhta (uair sa gcéad a mbíonn an chiall seo leis)
"'Scraiste i lár leapthan a's bogán le balla'" = [leath-fhocal a chloisfeá — leagan eile air — "scraiste i lár leapthan a's cúl carrach le frogh". B'fhéidir gurab é an chiall atá leis — scraiste > cnaiste na leapthan i lár báire a's an áit bhog le balla].
"Rinne sé cruadhán de'n bhogán a's bogán de'n cruadhán" [i sean-scéalta amhain].

Boideoide.

"Ta sé ag imteacht in a bhoideoide" = "duine nach mbeadh a' deanamh aon-bhuille maitheasa, ach a' faire ort, a's ag imtheacht go fánach"; duine nach lonnuigheann in éadan a cheann-oibre, ach a bhíos a' guairdeall thart gan tada ar aire, i gcosamhlacht.

"Nach hé an bhoideoide ag imtheacht é." "Is minic leis a' gceann céadna a bheith ag fánádóireacht leis in a bhoideoide." "'Sé 'shaoghal atá ann, ag imtheacht mar sin in a bhoideoide." "Dheamhan punt oibre a rinne sé ó tháinic a' bhliadhain, ach a' fálróid leis, in a bhoideoide mar 'fheicea(nn)s tú fhéin é." "Is aoibhinn dó é, go bhféadann sé a' bheith ag imtheacht in a bhoideoide mar tá sé. Corr-dhuine 'fhagha(nn)s a bheatha ó Neamh mar sin." "A' cluanaidheacht leis in a bhoideoide mar sin, atá sé 'chuile lá 'eirighea(nn)s air" = ag imtheacht in a chluanaidhe, gan buille maitheasa 'bith.

"Céard tá tú a dhéanamh imbéal a' tseoil annseo, in do bhoideoide aghainn?" "Sin í a cheird 'chuile lá sa mbliadhain — ag imtheacht in a bhoideoide ar bhóithrí, a's bleid buailte aige ar a' bhfear soir, a's ar a' bhfear siar." "Is mairg dhuit, nach ndéanann buille eicínt maitheasa, fharras a bheith in do bhoideoide mar tá tú." "Tá boideoide eile annseo, atá ionchurtha síos leis muis. Ach céard sin orm! Nach 'dearbhráthair do Thadhg Domhnall'." "Tá sé i gcomhnuidhe ag imtheacht in a bhoideoide a's a' smóracht (= smúracht) a's 'chuile áit, faitchíos a n-imtheochadh rud a' bith ingan-fhios dhó." "Ní fhéadfadh a' ceann céadna a leas a dhéanamh — imthighthe mar tá sé in a bhoideoide. 'Is mór a feicthears (= feichthear) do'n díomhaointeas' adeir siad."

"Fan istigh annseo anois, ar chraiceann do chluas. Níl gna(ithe) a' bith agad ag imtheacht síos in do bhoideoide ar bhóithrí." "Is maith an faisean atá tú a thabhairt faoi deara dhuit fhéin, ag imtheacht in do bhoideoide soir faoi'n mbaile sin thoir. Ní hé baramhail a leasa atá faoi duine 'bith atá ar do cheird." "Ní fhéadfá corruighe amach thar bhéal a' doruis, nach mbeidh sé in a bhoideoide romhat."

Boigréis [boigréiseach — aidiacht] [boigréis — baininscneach] [Cois-Fhairrge]
= buig-shíne; flaitheamhlacht; gnaoidheamhlacht; córtas;
so-mhealltacht; buille bog.

"Níl mórán boigréise annsiúd" = níl sé flaitheamhail, cóir, gnaoidheamhail ná so-mheallta. "Ní hí 'gcuid boigréise fhéin atá innte siúd chor a' bith."
"Cá'ideo tháinic an bhoigréis ann, le go bhfuil sé 'tabhairt rudaí isteach do dhaoine?" = siopadóir a thiubharfadh riar earradh dhuit in aisce.
"Pléidhfe sé siúd lib é, má airigheann sé aon-bhoigréis ionnaibh."
"Ba chóra dhuit a dhul go bun an angair (= amhgair?) leis, a's gan é thabhairt dó faoi na luach. Ach cá'r fhága tú an bhoigréis?" = dhíol sé an rud a bhí aige saor, dar leis a' té 'bhí 'cainnt, mar gheall gur airigh an ceannachthóir an buille
bog ann. Bhí aige leagan ar a' gceannochthóir chomh maith in Éirinn a's d'fhéad sé, a's gan an rud a bhí aige a leigean uaidh ar shlat-mhargadh.
"Níl blas de'n bhoigréis a' siubhal léithe, ní hé sin dá máthair é."
"Ní mórán brabaighe ná boigréise atá le faghail air siúd."
"'Sí'n bhoigréis sin a fhágfas ar deire sib fhéin. Níl plannda agaibh anois, le cuir imbord, ach iad tugtha uaib agaibh do'n tír."
"Is deas a' bhail atá fágtha ag 'ur gcuid boigréise orraibh. Cé'n mhaith muc a mharbhú le na bronnadh ar a' tír!"
"Má chaitheann sé siúd airgead, indomhnach ní le boigréis a' bith é. Is cruaidhchte é ná na clocha glasa."
"Ní cás a' bith é. Is beag a' bhoigréis atá ann fhéin le duine" = "ní truaighe 'bith é, gan rud a thabhairt dó. Is beag de bhrabach a gheobhfas aon-duine ar fhéin." "Má bhíonn tú i gcomhnuidhe ar a' mboigréis sin, ní mórán gna(ithe) a dhéanfas tú."
"Ní fhaca diashúlach tada in a dhiaidh siúd ariamh le boigréis" = níor scar sé le aon-rud ariamh as flaitheamhlacht nó gnaoidheamhlacht.
"Marach a' t-ól, is beag de'n bhoigréis, a bheadh a' siubhal leis sin."
"Nuair a theann a' braon leis, bhain sé amach 'un boigréise, a's ghlu (= ghlaoidh) sé ól dhá raibh sa teach."
"Ní rabh fhios agham, go raibh sí leath chomh boigréiseach" = ní rabh fhios agham, go raibh a leath-oiread boigréise innte.
"Nach boigréiseach an mhaise dhó, a bheith toghaint óil ar dhaoine mar sin."

Boimbiléad: ceann cruinn mar bheadh leath-liathróide. "Dome"

"Is aisteach a' boimbiléad de cheann atá ar a' teach nuadh sin thíos ar a' mbóthar ard" = ceann air mar leath-liathróide.

"Copar atá sa mboimbiléad sin thoir ar cheann tighe an bhreithimh."

"Bhí fear in a shuidhe thuas ar chírín an bhoimbiléad atá thuas ar bharr a' tighe. Ní leigfeadh a' faitchíos domsa a dhul suas ann, dhá gcáilltidhe mé."

"Tá'n boimbiléad sin ar a' seipéal falamh uiliog istigh ann."

"Ní bheadh fhios agad faoi do righe cé'n ghnaithe ata ag a' mboimbiléad céadna ann chor a' bith."

"Chuir sé boimbiléad de bharr ar a' gcruaich choirce a ólfas 'chuile dheoir faoi'n aer." = sluigfe an barr a chuir sé ar a gcruaich choirce 'chuile dheor bháistighe dhá gcuirfe sé, níl a' ceann bioruighthe chor a' bith aige i riocht's go silfeadh sí nó go dtligfeadh sí an bháisteach di.

"Is puinnteáilte an boimbiléad de cheann a chuir sé ar a' gcruaich mhóna, gan bhréag a' bith!"

"Tá an coca feamuinne in a leathnóig le talamh a's buimbiléad de cheann air."

"Is diabhaltaidhe go h-éag an boimbiléad de chloigeann atá ar Sh. Ch. Cé'n bhrigh ach is loma lán de sheafóid atá sé."

"Bearr an boimbiléad de chloigeann sin ort, a's ná bí ag imtheacht mar bheadh cailín beag."

"Bíonn boimbiléad de hata ag imtheacht anois air a's ní thiubharfá samhail a' bith ach a' hata 'bhíodh ar Ph. na gC. fadó."

"Tá boimbiléad de mhéadail amach anois, a's is gearr a bheidheas sé indon siubhal aice."

"Chonnaic mé gasúr le M. J. indiu inGaillimh, a's tá boimbiléad de chloigeann air slán a' tsamhail, atá chomh mór le máilín leithchéid mine."

"Is diabhluidhe an boimbiléad de chadairne atá uirre!"

"Tá boimbiléad de mhullach cinn air, atá chomh leathan chomh láidir le clár a' chomhra mhóir."

Bólaí = límistéar, lorgán, ruta, ceanntair, áit.

"Ní as na bólaí seo, mo dhuine" = ní as an áit seo é.

"'Sé an fear is fhearr 'sna bólaí seo anois é."

"Thóruigh sé na bólaí seo, fré chéile, a's chinn air aon-bhean fhaghail ionnta(b)."

"D'aithin mé ar a chuid cainnte, nach as na bólaí seo é."

"Tá neart féir le díol acab 'sna bólaí sin siar."

"Bíonn damh(n)saidheachaí go minic 'sna bólaí seo soir."

"Ní dhéanann siad a' rath cuir chor a' bith 'sna bólaí sin síos faoi Ghaillimh. A' díol bhainne bhío(nn)s siad igcomhnuidhe."

"Níl aon-deoir phoitín beag ná mór anois, is na bólaí seo, ó chuir na misinéaraí cúl air."

"Bíonn an-bheithidhigh bhainne 'sna bólaí sin síos, faoi bharr na Gaillimhe."

"Fainic a' bhfuil figheadóir a' bith 'sna bólaí sin anois ó cailleadh L. G." = sílim nach bhfuil figheadóir a' bith 'sa gceanntar sin anois, ó cailleadh L. G.

"Ní fhaca tú fear as na bólaí sin ariamh, gan bríste 'córd'"

Bollaire = glaodhmaire; glagaire olc; duine mbeadh gleo mór aige, a's é ag ullmhuchan scléipe; duine mbeadh thar a dhíol le rádh aige i gcomhluadar.

"'Sé Seáinín an bollaire." "Sin é an bollaire bradach."
"Bollaire maith é sin, ach tá beagán cuir leis ann nuair a cuirtear 'un caitheachtála dhó é" = bíonn gleo mór aige, ach nuair a cuirtear troid air, stánann sé, a's ní mian leis a dhul a' troid.
"Bollaire maith é, go gcuirtear troid air, ach dheamhan maith ná maoin annsin leis."
"Ní chloisfeá méir i gcluais ag a' mbollaire sin thoir sa bP. a' cur dhó, a's ag iarraidh achrainn i gcaith(eamh) na h-oidhche."
"Mhaithfeá do Dia gan a bheith ag éisteacht leis a' sean-bhollaire sin thíos a' gleo a's a' glaodhmaireacht thiar sa seomra. 'Séard a bhí le déanamh leis, a' tsráid amach a thabhairt dó, a's a smut a bhriseadh, dhá mbeadh rún aige fanacht de'n bhuidheachas."
"Ní bhíonn sult na subháilce in aice an bhollaire mhóir. Is mór a' t-iongnadh nach dtiocfadh iabh ar a bhéal uair eicínt, a's gan a bheith ar a' nglagaireacht chéadna, go h-acht a's go h-áithrid."
"Bollaire críochnuighthe é, ar a chuid óil, ach dheamhan smid ná smeaid, a gheobhfá uaidh ar a chéill."
"Cuirfe mise faoi ndeara de'n bhollaire sin, go ndúinfe sé a bhéal, nó rud a bheith ar a shon aige" = "mara bhfuil indán's go n-eirighe sé as a' nglagaireacht a's as a' nglaodhmaireacht beidh scéal aige air."
"Duine breagh sásta é an mac, ach cuirfeadh an bollaire is athair dó, uais ar mhada, le na chuid gleo a's glamhóide."
"Ní buil liom an bollaire sin, chor a' bith, a's sé mo mheas nach buil leis mé!" "Níl neart ag a' mbollaire blaiseadh de dheoir a' bith, nach bhfuil a sheacht ndíol le rádh aige."
"Ní thagann táirm a' bith gleo ar a' mbollaire, go mbí lán tighe ann. A's dá mbadh é an fear badh measa leat sa tír a bheadh istigh, bhuailfeadh sé coc achrainn air."
"Tá an iomarca sclaibéaracht' chainnte ar fad ag a' mbollaire tútach sin."

"Faghann a' bollaire sin an iomarca dhá chomhairle
fhéin ar fad, a's tá 'shliocht air: is féidir leis a rogha rud a
rádh nuair nach mbacann aon-duine leis."
"Deirimse leat, dhá bhfaghadh an bollaire sin, cupla criogaide maith isteach ar
a' mbéal, go mb'fhurasta a dhóthain cainnte a thabhairt dó."
"Bhí an díle cainnte ar a' mbollaire. Is mór atá sé crúthachtáil
a's freastal chor a' bith, dhá mbíonn le rádh aige."
"Bollaire maith é sin, 'san áit a n-airigheann sé na daoine go dona,
ach a mhaiste, bheadh smideannaí beaga aige in aice chuid de na
daoine, mar bheadh fhios aige nach n-éistfí leis."
"Ná tabhair éisteacht a' bith do'n bhollaire sin. Sin í a cheird is 'chuile
áit."
"Ní thabharfainn lá áird' ar a' mbollaire sin' pé('r) bith, céard déarfad
sé. Faisean é sin atá aige, go gcaithfe sé a bheith in éadan
duine eicínt."
"Is mór a' t-iongnadh, nach dtiocfadh tuirse ar a' mbollaire uair eicínt."
"Chaith muid an oidhche, ag iarraidh foighid a chuir sa mbollaire mór
sin thiar ag S. Sh. Ba mhór a' t-ár é, a' blaodhach a's a'
blaidhreamhach. Ag iarraidh T. Ph. a bhualadh bog te a
bhí sé, a's nuair nach leig(f)í chuige é, bhí gearradh fiacal air."
"Chuir a' bollaire allagar as, a chloisfeá thiar-dtuaidh!"
"Fhobair go mb'éigin an bollaire fada sin ag P. Mh. a cheangal ann
le díocas achrainn. Is maith an scéal do chuid de na daoine gur
h-annamh a eirighea(nn)s aon-deoir leo(b). Marach gur h-annamh,
níor mhór fairsinge a leigean ar Bhéal Átha na Sluaighe" (= na Sluaighead)
[Béal Átha na Sluaigheadha — is ann atá árus na nGealt. Duine a
mbíonn saobhchan air, a's a chuirtear go dtí an Gealtlann, deirtear
gur "cuireadh go Béal Átha na Sluaighe é" nó "go ndeacha sé go
Béal Átha na Sluaighe" nó gur "cuireadh soir é, slán gach áit
dá n-innsighthear é, a's gach duine, dhá gcloisfe é!"]
"Is aoibhinn Dia do duine ar bith, nach gcaithfe éisteacht leis a'
mbollaire siúd go minic. Go bhféacha Dia ar a' dream, atá in
'aice igcomhnuidhe!"

Bollaireacht = glaodhmaireacht; glagaireacht; glas-chainnt; gleo, a's chainnt dhoirg, ghargach; cainnt bhastallach, ghaisceamhail.

"Nach air atá an bhollaireacht i gcomhnuidhe!" "Ní beo é, gan a bheith a' bollaireacht!" "Dhá bhfaghadh sé cead bollaireachta leis, mar sin, sé a bhuac é, ach gan aon-araoid thairis sin a chuir air!"
"Sí'n bhollaireacht a bhuac" = "Sí'n bhollaireacht an chloch is mó ar a pháidrín."
"Mara n-eirighe tú as do cuid bollaireachta anois, eireocha tú aisti a's aithmhéala ort!" "Eirigh as anois, ar mhaith(e) leat fhéin. Níl iarracht a' bith ag aon-duine annseo ar do chuid bollaireachta" = ní thaithnigheann do chuid bollaireachta le aonduine dhá bhfuil annseo.
"Má bhí sé 'bollaireacht fhéin, is minic leis." "Sí'n bhollaireacht a' chéad bhiadh sa sliogán dó. Ba mhaith an bollaire é 'athair fhéin roimhe." "Má bhíonn sé ibhfad eile ar a' mbollaireacht sin, sí'n tsráid amach a thiubharfas mise dhó!"
"Shílfeá gur a' brath ar tosuighe 'bollaireacht aríst atá tú, a's dheamhan mise, má thosuigheann, go bhfaighe tú luach do chuid bollaireacht' anois fharra's ariamh."
"Ní féidir ceart a' bith a bhaint dhe, nuair a thosuighea(nn)s sé ar bhollaireacht de'n tsórt sin." "D'áitigh air, agus sé'n bollaire é a mhic ó mo chroidhe!" = "thosuigh air a' cainnt nó a' sciolladóireacht, a's tabhair, glaodhmaire air!" "Dhá mbeitheá ar a' mbollaireacht sin anois, go dtuitfeadh a' teanga asad, 'sé'n mhaith amháin duit é. Dheamhan a dhath tortha a gheobhfas tú!"
"Nach ag a' mbean atá an t-acmhúinn, má bhíonn sé ar a' mbollaireacht siúd go minic!"
"Diabhal a leithide de ghlaodhmaireacht ná de bhollaireacht a chuala mé ar dhuine igcaith(eamh) mo shaoghail ariamh a's bhí air; agus cé'n bhrigh dhá mbeadh 'ughdar aige, ach ní raibh."
"Ba cheart do slócht a bheith air i mbáireach, a's a ndearna sé de bhlaidhreamhach a's de bhollaireacht indiu."
"Níl suím a' bith ag muinntir a' bhaile ann. 'Séard a bío(nn)s siad a' gáiridhe faoi, na chuid bollaireacht'."

Bollstaic. [foghar boulstaic] = (i) "gamhain nach mbeadh gearrtha glan", nó "tarbh a choillfidhe láidir" (ii) fear gan aon-mhuirghín. (iii) "staic d'fhear nó de bhean láidir gharbh", nó duine a bheadh ag imtheacht mío-shuaimhneach a's luaithneach, a's gothadh diúltach air, a's é ar bheagán spleadhchais le aon-duine b'fhéidir.

"Is iomdha gamhain, nach dtuiteann aige, ach leath-cheann. An ceann nach mbaintear as, ach í sin, bíonn sé in a bhollstaic, a' rith indiaidh beithidheach" (M. B.) "Nach hí an bhollstaic í", adeirtear le bean mar atá i gceist in (iii) réamh-luaidhte. "D-l a leithide de bhollstaic de bhean, a chasfaidhe ort in do shiubhal ionnsuighe." "Má phósann sé an bhollstaic siúd, gheobha sé a sháith de'n tsaoghal. Ó, cuirfe sé a pheirfhiachaí dhe, má mhaireann sí i bhfad." "Is geall le bollstaic ag imtheacht é." "Níl ann ach bollstaic d'fhear, mara bhfuil aon-mhuirghín fós air." "Cé'n sórt bollstaic é fhéin, nach mbeadh clann dá bharr ach an oiread le fear a' bith eile sa tír." "Tá sé in a bhollstaic, mara bhfuil aon-duine fós aige." "Fear a theastóchadh ó'n mbollstaic sin, le í 'chur ó bhóithreóireacht." "Is deas a' ball i dteach a' bith é, an bhollstaic bhradach sin!" "Ní hé an bollstaic sin an ball ab fhearr liom ar a' teallach, dá mbeadh neart agam air." "Níl gothadh 'bith againn ar a' mbollstaic chéadna. Is fada bhead sé amuigh, go gcuirfidhe fios annseo air!" "Níor phós sé ariamh, ach ag imtheacht ina bhollstaic mar sin." "Tá bollstaic de ghamhain annsin thuas agham, a's sé is measa dhá bhfaca tú in do shaoghal ariamh." "Bollstaic é. Choill mé é, in aois a bhliadhna, mar bhí mé a' ceapadh nach ughdar maith tairbh a bhí ann." "'Sé bhfuil aige anois, aon-bhudóigín amháin, a's bollstaic de ghamhain bliadhna." "Caithfidhear an bollstaic sin, a dhealú amach óna beithidhigh eile, mar tá 'sé 'déanamh cír-thuaithbhill díob." "Ní tarbh é, ach bollstaic, ach níor coilleadh glan é. Bhí an coillteoir ar meisce an lá céadna, a's ba maoilscríobach a rinne sé a ghna(ithe), aindeoin gur h-íocadh é."

Bollamán (i) Iasc a bhuaileas an cladach in a chluithchí sa bhfoghmhar in éindigh le na ronnaigh. horse mackerel?
uimhir iolraidh — bollamáin (bollmáin).
(ii) fear mór fiadháin a mbeadh an iomarca le rádh aige; glaodhmaire; glagaire; bollaire; bollscaire.

"Sé'n bollamán é." "Bollamán mór fir é."
"Is áidhbhéil a' bollamán d'fhear é." "Fainic thú fhéin ar a' mbollamán sin, mar tá marbhú duine air, má bhíonn sé spréachta." "Is tú an bollamán mío-stuamdha."
"Is mór is fiú dhom, nach bhfuil mé in mo bhollamán mór, t'fhearachtsa!" "Tá cúl a cainnte leis a' mbollamán sin."
"Bíonn a' bollamán sin ar a' nglagaireacht chéadna i gcomhnuidhe."
"Sé'n bollamán de ríste é" = "fear fada fuar falamh" gan déantús maitheasa a' bith.
"Níor mhaith dhuit araoid ná aighneas a' bith a chuir ar a' mbollamán sin roimhe seo, ach tá sé roinnt mínighthe le goirid anuas."
"Tóig aghaidh do bhéil dhíom a bhollamáin mhóir."
"Bollamán bradach é sin, gan fios a labhartha chor a' bith."

Bollamántacht (a' bollamántacht) = a' cainnt go goirgeach go colgach nó go gaisceamhail; glagaireacht; glaodhmaireacht.

"Dhéanfá bollamántacht go maith, ach is beag a' chur leis atá ionnad."
"Leig de do chuid bollamántacht' anois, a's ná bíodh na daoine a' gáirí fút."
"Chaith sé an oidhche a' bollaireacht a's a' bollamántacht dhá bhfaghadh sé an té 'thiubhradh áird' air" = bhí sé glagaireacht a's a' déanamh gaisce, a's cothú achrainn ar feadh na h-oidhche, ach níor thóig aonduine suas air é, ná ní dheacha aon-duine inglacamus lámh leis faoi.
"Má thugann tú áird' ar a chuid bollamántachta sin, a' troid a's a' bruighin a bheidheas tú 'chuile oidhche Dhomhnaigh sa mbliadhain."
"Chuirfeadh Pádraig ó bhollamántacht é, dá dtugtaí cead a chinn dó."

Bornóg: [ainm-fhocal, baininscneach. Foghar: bournóg fearacht
"or" in "ord", "bord" nó "ur" in "urlacan", "tuirlingt" etc.
i gcanamhaint Chonamara (le fairrge). Taithmheach: boireannóg (boranóg)
b'fhéidir. Boireann = cloch nó carraig].
Bornóg = duine [fear nó bean, ach go h-áithrid bean] bog, beathuighthe
mío-stuama, nach mbeadh aon-tapa ann nó nach mbeadh éasca
ar a chois; gruadhán de dhuine; matal de dhuine; bairghín de dhuine.

"Nach hí an bhornóg chaillighe í?" "Tá sí in aon-bhornóig amháin
a's gan í in don corruighe." "Níl siubhal a' bhóthair innte,
tá sí in a bornóig chomh trom sin anois." "Tá sé in aon-
bhornóig amháin gan fuinne(amh) gan fáscadh. Má mhaireann dó
(i.e. a' cur fheola suas), is gearr a bheidheas tapa a' bith ann."
"Má thuiteann a' bhornóig sin ar meisce orainn, ar gceann
finne, ní bheidh indon é 'iomchur abhaile."
"(D)ar ndú, ní indon obair a dheanamh atá an bhornóg
siúd. Nach ar éigin atá eirghe in a seasamh ínnte,
le feoil?" "Sin í an bhornóg a bhfuil sé deacair aon-
cheart a bhaint di." "Bornógaí móra troma a bhí sa
dreám sin ar fad." "Is beag 'aireochas sé fhéin a chuid
coirce a chuir isteach, a's triúr nó ceathar bornógaí
d'ingheanachaí aige." "Is beag, beag, a bheadh le déanamh
aghad, go deimhin a dhul a chongnamh do Sh. M. a's a bhfuil
de bhornógaí aca(b) fhéin ann." "Tháinic bornóg mhór
shéidthe de 'Ghaedhilgeoir' nó d'fhámuire anoir a' bóthar
indiu, a's chuir sé 'bail ó Dhia' orm. Is air a bhí slacht a
chodach, pé'r bith cé hé fhéin." "Is áidhbhéil a' bhornóg de bhean
atá sí a dhéanamh, bail ó Dhia a's ó Mhuire uirre. 'Sí atá
a' gabhail le muinntir a sean-mháthar." "Nach fada an saoghal
atá an bhornóg a fhághail, nach fada sin!" "Tá sé in aon-
bhornóig amháin annsiúd sa gclúid, a's séideán ann le teann
feola." "Sin í an bhornóg dhaoitheamhail. Dá gcasadh sí céad
uair sa ló dhom anuis, dheamhan caidéis a' bith a chuirfinn uirre.

Borradh = (1) fás, snobhthach, méadú, attachan, teacht suas,
(2) cloch bheag a cuirtear isteach faoi chloich mhóir le teannadh
leis a' spéice, agus le congnamh thabhairt an chloch mhór 'árdú, nó
a baint as a lúdrachaí.
(3) Ciall amháin mar bhriathar — a' moladh, a' maoidheamh, a' saghdadh,
a' séideadh fá.

"Tá an bhorradh faoi'n gcur" = fás, teacht suas.
"Is áidhbhéil an borradh atá faoi mo dhuine" = is iongantach a'
fás atá sé a dhéanamh."
"Is cumasach a' borradh atá fúithe le cupla bliadhain, bail ó Dhia
a's ó Mhuire uirre."
"Níl aon-rud amuigh is mó 'mbíonn borradh fúithe ná'n raithneach."
"Cuirfe an múirín báistighe seo borradh faoi chuile shórt."
"Tá borradh breagh faoi'n arbhar ar an aimsir seo."
"Beidh borradh a' teacht faoi lá a' bith feasta anois."
"Bhí dhá oiread borradh faoi'n gcuid eile a's tá faoi'n aircín
sin, a's shílfeá nach leath-chuma 'bith 'rinneadh air, ach an
oiread le ceachtar acu."
"Thosuigh an cut a' borradh ar a' teallach, go raibh sé 'cur
taobháin a' tighe amach dhe. 'Má's mar sin é' adeir sé,
ag (d)ul amach a' dorus dó 'ormsa thuitfeas an oighrigheacht
anois'" (sliocht as mion-scéilín faoi chat).
"Bhí mo dhuine a' borradh chugham ar a' teallach" = a' cur
stiúir achrainn ar fhéin.
"Leis a' gcaoi 'raibh sé 'borradh chugam, bhí fhios agam
go mbadh gheárr go n-ionnsuigheadh sé mé."
"'Bhí sé 'borradh a's ag at mar bheadh cat i mála'" = leath-fhocal
duine 'mbeadh an-teacht suas faoi, nó duine 'bheadh a'
cur stiúir achrainn air fhéin.
"Bhí sé istigh sa gcúinne a's é a' borradh a's ag at mar bheadh
cat i mála." "Bhí sé a' borradh a's ag at mar bheadh cat i
mála le neart fonn achrainn." "Tá sé 'borradh as ag
at anois le na bhfuil ithte aige." "'Borradh a's ag at, a's
a' ramhrú atá tú 'chuile lá, baile ó Dhia ort."

Bíonn borradh an éin (an éinín) gé, nó borradh na raitnighe nó na sailighe faoi dhuine nó faoi rud, nuair a mhéaduigheas nó fhásas sé an-mhear.

"Tá borradh an éin gé faoi." = tá sé a' méadú mar bheadh éinín gé nó goisín ann.

"'Mo S. mór breagh, a's borradh an éin gé faoi'."

"Bhí borradh an éin gé, faoi chuile duine ariamh acab sin." = "ní raibh duine a' bhfeádhain de'n mhianach sin, nach raibh borradh an éin gé faoi."

"Tá borradh an éinín gé faoi, a's ní ó'n ngaoith 'thug sé é."

"Tá borradh na raithnighe faoi."

"Is olc a' rud borradh an éin gé mar sin a bheith faoi pháiste roimh 'aois."

"B'fhurast' aithinte nach raibh sé folláin a's an borradh a bhí faoi a' teacht suas dó."

"Mara gcaithtear go maith leis sin, anois, tiocfa an borradh atá faoi roimhe" = ní mór togha beathú 'thabhairt dó, nó tiocfa an fás mór atá sé 'dheanamh in aghaidh.

"Níl borradh 'bith faoi." "Shoraidh dhíot, mara bhfuil sé in am agad borradh thairis sin a bheith fút."

"Borradh dona a dhéanfas sé mara bhfagha sé malrait córach."

"Is deacair dhó borradh theacht faoi, a's a' tsiléig a leigeadh ann."

(ii) Borradh. "Chuir mé spala beag de bhorradh fúithe, ach bhain an spala aríst" = chuir mé cloichín bheag isteach faoi'n gcloich mhóir le na h-árdú, ach d'eirigh an spala amach aríst."

"Tabh'r'om borradh a chuirfeas mé fúithe seo."

"Cuir borradh eile fúithe." "Daingnigh isteach an borradh fúithe." "Nuair luighfeas mise ar a' spéice, feacha 'bhféadfá an borradh sin a theannadh isteach faoi na bínn." "Cuir cloch bheag de bhorradh isteach faoi bhárr a' spéice."

"Dhá gcaithinn a' lá 'cur borraidheachaí fúithe,
chinnfeadh orm í árdú 'na dheidh sin"
"Marach go dtug an bhorradh uaithe, bheadh sí aghainn
an babhta sin."
"Dia aitnighthear! Fainic do láimh, nuair a bheidheas tú a'
sáthadh isteach an bhorrtha."
"Bheadh sí as a lúdrachaí agam, marach gur chlis an borradh."
"Ní mór borradh a chuir faoi, len' árdú" = fear a bhí tuithte ar meisce.
"Má thuiteann an cuaille siúd ar lár, ní f'leárr dhuit congnamh a's
borradh le na tógáil" [f'leárr = fuláir].
"'Chuir mé borradh cheana faoi'n gCloich Mhóir, a's anois tá'n dárna
borradh agham fúithe, a's ní baoghal di tuitim' adeir Frainc
Confhaola" (file a bhí i gCnoc a' Locha é Frainc Confhaola. 'Sé a rinne
"Nóra Bhán", ceann de na h-amhráin is mó a bhfuil gnaoi na
ndaoine air faoi na bólaí sin. Bhí sé an-deagh-chainnteach.
Deirtear gur chaith sé an chainnt réamhráidhte, tharéis
beirt dhá chloinn inghean a phósadh ar a' gCloich Mhóir
— baile atá in aice na Tulaighe i gCois Fhairrge. 'Siad an
chlann inghean na borraidhtheachaí atá i gceist 'sa gcainnt
seo. Leagtar air, gurab é a rinne an rann seo, freisin, faoi
Dhoire Thuirc, uair dá'r caitheadh mío-chórtas leis ann, ach ní móide
gurab é:
"A Dhoire Thuirc, is fada siar thú
Is fada ó ghealaigh, a's is fada ó ghrian tú.
Is fada ó oineach (einneach) na mban fial thú
a's is rí-mhór m'fhaitchios gur fada ó Dhia thú."]
"Má chinneann orra(b), cuirfe sé siúd borradh fúthab aríst" =
má bhíonn siad a' dul ar gcúl, beidh sé ina chúl torraic, nó
in a chrann seasta dóib.
"Cuir borradh faoi'n ngró, nó faoi'n spéice"
"Bhí cosa idteannta air, ag iarraidh na leice a bhaint, ach chuile
uair a d'árduigheadh sé í, thuiteadh sí aríst, mar ní raibh
sé 'féadachtáil aon-bhorradh a chuir fúithe."
"Ní mór borradh maith faoi na máithreachaí sin le na mbaint"
(féach "máithreachaí").

"Tá sé a' borradh leis" = duine a mbeadh rud, nó bacainn in aghaidh a's a bheadh cruadhchan in aghaidh na h-anachain, i leaba claonadh, déarfaí sin leis.

"Dheamhan blas a rinne eascainidhe an tsagairt air. 'Séard 'tá sé 'borradh leis."

"Baoghal air siúd loiceadh, 'sé'n chaoi 'bhfuil sé 'borradh leis."

"Aindeoin ar buaileadh air, ní dhearna sé ach borradh leis."

"Is deacair a chomhairleachan a thabhairt dó. Dhá mbuailtheá dual na druinne, ní bheadh sé ach a' borradh leis.

"Ní chuirfe an méid sin aon-chúl air. Is mó 'dhéanfas sé borradh leis."

"Is fhearr duit gan ceist a' bith a chuir air, mar ní bheidh tú ach a' borradh leis." = saghdfa tú tuille é, má tá indán's go gcuirfe tú aithne ná aighneas a' bith air.

"Is fhearr an réidhteach a ghlacadh le Tom. Ní bheidh tú ach a' borradh leis, má theigheann tú 'un droch-(mh)úineadh leis."

"Má tá an dlighe a' cinneamhaint fhéin air, dheamhan a bhfuil sé ach a' borradh leis, a's dhá shaghdadh."

"Tá sé 'borradh leis" = duine a' saghdadh duine eile = duine a' moladh le duine eile.

"Dhá mhéad ámhuilleacht' dhá ndéanfa sé, 'séard a bheidheas an mháthair a' borradh leis" = a' cur ar a shon, a's dhá shagdadh tuille.

"I leaba bheith dhá chlaonadh, 'séard tá sé a' borradh leis" = "i leaba bheith 'cur chomhairle nó aithne air, is amhla tá sé dhá shaghdadh tuille."

"Is deacair dhó leigean faoi, a's a bhfuil a' borradh leis."

"Sin é ubhall na h-aithne, ach is measa an dream atá 'borradh leis ná é fhéin."

"Dhá mbeadh splannc a' bith céille agad, ní 'borradh leis an amhlóir sin a bheitheá — ní h-eadh sin."

"Ní beag do'n chantalóir sin, a dhonacht a's tá sé cheana, a's gan tusa a bheith 'borradh leis a's dhá splanncadh tuille."

"Ní dhéanfadh sé tada as bealach, marach na buachaillí báire atá d'aon-cheird a' borradh leis."

"Dhá millead sé 'bhfuil ar a' mbaile, is a' borradh leis, a bheadh an t-athair."

Boscaed (boiscéad) = ainm-fhocal firinscneach: uimhir iolraidh — boscaeid.
Boscaed = cléibhín beag bídeach a bhíodh ann roimhe seo, a's a d'fheicfeá in áiteachaí fós, le fataí a líonadh ag poll, le fataí céad-fhoghmhair a thabhairt isteach, a's le freastal d'ualaighe beaga. Tuairim's dhú nae trí (a dhó nó trí) de chlocha a theigheadh ann. Bhíodh táiseachaí i gcuid acu.

"Teirigh igcoinne boscaed fataí chuig a' bpoll." "Tá mé in mo bhambairne d'uireasbha boscaed, le na fataí a líonadh sa gcarr." "Dhá mbeadh boscaed agam, ba mhór a' leas é, le na fataí a líonadh i gcléibh a' chapaill leis." "Ba dheas iad na boscaeid a bhíodh fadó ann. Ní bheadh aon-chall dhuit duine le na n-árdú ort." "Tabhair isteach boscaeidín fataí agham" (= chugam). "Níl fad méire de bhoscaeidín agham, nó go fiú's a' bórán fhéin, le tada a thabhairt amach (ch)uig na caoirigh." "B'fhearr duit boscaeidín fataí nuadha a bhaint. Mara bhfuil siad isteach anois, ní bheidh siad isteach imbliadhna, a's é in a Dhomhnach Chrúm Dubh thall." = tá sé in am ag na fataí nuadha a bheith in alt a mbainte feasta, a's Domhnach Chrom Dubh ar faghail. "Ní fhaca tú aon-chubharláin d'fhataí ariamh is lugha ná iad. Ní bheadh lán boscaeidín acab agad ar chion iomaire fhada." "Cuirfe boscaed eile síolta an cúl seo." "Ghoid sé a shean-eire de chruit fhataí! Ghoid go deimhin! Dheamhan ceo le cion boscaeid a ghoid sé ar fad, ach is mó i gceist a' méid sin acab ná dhá ngoideadh sé poll ar dhuine eile." "Fuair sé fhéin cliabh mór oinniúin lán go buinne bruach anuiridh, a's sin é ar thug sé dhúinn in ómós imbliadhna — boscaeidín beag bídeach, a's gan é sin fhéin lán." "Fuair tú amach an té atá indon cliabh a iomchur. Sáthach righte a ghabhfadh sé leis, boscaeidín a iomchur, ní áirmhighim cliabh. (Dh)ar ndóigh, níl lúd ná láthar sa luisneachán siúd." "Níl mórán le boscaeidín móna anois ann, a's bainighidh fada nó gearr as sin. Sin é a bhfuighe sib, go sroiche duine eicínt 'na phorta(igh) ambáireach."

Brabach = bantáiste, earr a's barr, sochar, gnothachtáil, buadhachtáil, balachtáil
[Ainm-fhocal, firinscneach. tuiseal gein. — brabaigh. Níl aon-uimhir iolraidh aige].
[Is mó a bhíos an focal seo i gceist i gCois Fhairrge ná faoi Chonamara].

"Déanfa sé brabach, nó's cinneamhaint air é." "Cé'n brabach a rinne sé ar a' margadh?" "Ní raibh aon-bhrabach aige sa mbó" = bantáiste nó buadhachtáil. "Cé'n brabach a bhí agham ínnte, scáth a bhfuair mé uirre" "Déanfa sé siúd brabach ar mhuca, nó cínnfe an saoghal air." "Tá na siopadóirí sin indon brabach a dhéanamh de rud a' bith." "Ní féidir nach ndearna sé ach a' méid sin brabach, a's ar chaill sé fhéin leo(b) ó cheannuigh sé iad" (gamhna)
[Ach ní le margaidhe ná cúrsaí airgid, fearacht mar tá is na leaganachaí réamh-ráidhte is mó a bhíos sé igceist, ach le bantáiste cainnte, a's earr a's barr].
"Ní bhfuair tú aon-bhrabach air" = "níor thug sé tada dhuit? Ar leig sé tada leat?" "Cut bradach a gheobhfas aon-bhrabach uirre siúd" = tá sí cruadh, coinneálach, barrainneach, a's ní thiubhra sí tada in aisce d'aon-duine. "Níor mhór dhuit a bheith in do chut bhradach le aon-bhrabach a fhaghail air." "Sáthach righte a ghabhfadh sé le cut bradach fhéin, aon-bhrabach a fhághail ar a' gcneagaire siúd." "Ní mó nó dhá mbeadh cut bradach ann go bhfaigheadh sé aon-bhrabach ar a' dream sin. Níl mórán boigréise a' siubhal leo(b) deirimse leat." "Siúd iad nach bhfuil aon-bhuille bog ionnta(b) faoi'n rud atá aca(b). Chínnfeadh sé ar chut bhradach aon-bhrabach a fhaghail orra(b) faoi thada."
"Do dhúbhshlán, fagh aon-bhrabach air siúd, ní bhfaigheadh ná cut bradach. 'Sé'n cnuastóir is measa é, dhá'r shiubhail talamh ná féar." "Tá mámh is fhearr ná'n cíonán aghad, má fhaghann tú aon-bhrabach ar Sh. Mh. N. Ní féidir tada a fhaghail uaidh le bladar ná le bréagadh fhéin." "Má's a' súil le brabach ar siúd atá tú, beidh tú dhá uireasbha, déarfainn."
"Má's a' faireadh ar bhrabach ó t'uncail atá tú, beidh tú ar deire sílim. Dheamhan mórán adubhairt ariamh, go bhfuair siad aon-bhrabach air sin." "Fuair tú amach muis, an té a bhfuightheá

brabach óil air — an té nar ghludh (= ghlaoidh) deoch do dhiathshúlach ariamh" = níor thug sé deoch isteach d'aon-duine ariamh.
"Má bhí aon-bhrabach óil ann, is ingan-fhios duinne é."
"Má tá aon-bhrabach airgid ort, b'fhearr dhuit cupla scilling a thabhairt dom go dtí Dia Sathairn" = má tá aon-airgead le spáráilt agad, nó má tá mórán le cois díol do fhreastail fhéin agad." "Dheamhan brabach tobac ar Sheán, ach an oiread liom fhéin." = níl aon-tobac le spáráil aige.
"Ní bheadh aon-bhrabaichín tae ort, nó go dteaga mé ó'n siopa?" "Ní bheadh baoghal a' bith, go mbeadh aon-bhrabach beag siúcra ort. Tá mo chuid fhéin ídighthe, a's dheamhan goir agham corruighe anonn ná anall ó'n teach, go dteaga siad ó'n bportach." "Ní airigheann tú brabach a' bith óil in a thimcheall?" = "ní thugann sé deoir a' bith óil dhuit?"
"Dhá mbeadh aon-bhrabach airgid orm, dheamhan baoghal a' bith go leigfinn amach falamh sib, ach cé'n neart atá agam air. 'Is cruaidhchte na clocha glasa ná na lámha fala(mha)' adeir siad." = dhá mbeadh aon-phiginn le spáráil agam, nó dhá mbeadh aon-phighinn ar m'fhaghaltas, thiubhrainn rud eicínt dhaoib etc. "Tuige nach bhfuil aon-bhrabach ar a' tae agaibh ach mar sin. Is gann ghortach uaib é 'chuir síos!" = duine ar theastuigh cupán tae uaidh ar a theacht isteach idteach, ach sé a raibh de tae ann díol a' chomhluadair." "Is tútach an áit a dhul isteach go dtí iad, maran mbíonn aon-bhrabach ar a' mbéilidh aca(b), ach mar sin" = gan tada le cois, nó gan tada faoi chomhair an fhir siubhail. "Dheamhan mórán brábach ar a' móin chéadna againn imbliadhna" = níl againn ach riar ar gcáis fhéin ar éigin.
"Is minic leis a' gceann céadna brabach a' bith a bheith air!" = ní bhíonn tada le spáráil aige aon-uair. "Deirimse brabach leat! Siúd iad nach bhfuil brabach a' bith orra(b)." "'Bhfuil aon-bhrabach ar na fataí agaibh imbliadhna? Tá muide as sean-fhataí le seachtmhain." "Is beag an baoghal ar siúd, an chois a chothú aige, marach go n-airigheann sé brabach eicínt in' aice

= ní bheadh sé i gcomhnuidhe in a theannta, marach go bhfuil gnothachtáil eicínt aige air. "Ní mórán brabach a bhí ariamh ar a' teach seo ingan-fhios dó." = "thapuigheadh sé a dheis, uair a' bith dhá mbíodh tada ag imtheacht ar sliobarna annseo." "Is beag a' chargaos a bheadh ormsa leagan air dhá mbadh mé thú. Uair annamh a bheidheas an brabach le faghail air." "Brabach fánach a chonnaic muide dhá bharr ariamh" "Dhá mbeadh aon-cheo de bhrabach air fhéin, is beag a d'fheicfeadh muide dhe." "Dheamhan mórán a gheobhfas mórán de bhrabach ar a' gceann céadna." "Is ait a chruthuigh tú a's an méid sin fhéin a fhaghail de bhrabach air." "Má tá aon-phighinn de bhrabach air, meállfa siad uaidh anois iad." "Céard adeirigh dhó, go raibh an oiread sin fhéin le faghail de bhrabach air." "Ní bheadh aon-ghráinne síol planndaí de bhrabach ort (agad)?" "Nímé 'bhfuil duine a' bith ar a' mbaile a mbeadh mála móna de bhrabach air? Tá mé fhéin ro-chruadhógach le dhul 'na phorta(igh) anois." "Is beag de (an) bhrabach atá ar na síolta aghainn i mbliadhna. Sáthach righte a chuaidh sé linn an oiread a bheith aghainn a's a rinne an 'pháircín bheag' sin thuas dhuinn." "Ní hé thairis sin de bhrabach a bhí ar a' bhféar aghainne i mbliadhna. Is beag a' dreabhlás a bhí chor a' bith ann." "Má bhíonn aon-bhrabach agad ar dhíol a' ghiota flainín, coinneocha tú adhbhar péire stocaí dhom" = "má bhíonn aon-cheo olla (snátha) le cois agad, th'éis díol a' ghiota flainín a bheith riartha, coinneocha tú díol péire stocaí dhom." "Má bhíonn aon-bhrabach 'simint' (= cement) annsin agad (th'éis na h-oibre a bheith déanta), d'fhoghanfadh sé dhomsa." "Má tá aon-bhrabach aoil annsin agad, tabh'r (dh)om-sa é, arae b'éigin dom cuid de'n bhínn a fhágáil i mo dhiaidh an lá faoi (dh)eire, in áit nach raibh mo dhóthain aoil agam, le cuir uirre." = aol le cois; tuille a's díol do fhreastail. "Má bhíonn brabach a' bith coirce síl agad

ná leig amudha é, mar sílim nach bhfuil an oiread agham péin a's a chuirfeas an garrdha sin thiar. "Má's sin é anois ar eirigh de bhrabach leat, faoi dheire thiar, dheamhan mórán áirge é." "Tá tú ó bhrabach (d'uireasbha brabach) má's a' forcabhás ar sin a bheidheas tú." "Sin é an brabach mar siúd — an brabach a gheobhthar airsin." = "ní bheidh aon-bhrabach de'n rath le faghail air." "Sé'n teach is tútaighe é a ndeacha duine ariamh ann. Dheamhan brabach a' bith a bhí le faghail orra. Má bhí rud aca(b), choinnigh siad dóib fhéin. Níor roinn siad linne é."

"Níl fear a' bith indon aon-bhrabach a fhaghail ar a chuid cainnte" = bíonn éirim in a chuid cainnte, a's ní féidir breith gearr air, ná rud adéarfas sé a fhastú, ná malrait leagain a chuir air.
"Níor mhór dhuit a bheith in do bhreitheamh le aon-bhrabach a fhaghail air siúd." "M'anam gur deacair brabach a fhaghail ar a' méid sin adubhairt tú anois." "A' nathuidh-eacht, a's ag iarraidh a bheith 'faghail brabach ar na daoine, a bhío(nn)s sé sin i gcomhnuidhe." "Má fhaghann a' póilidhe aon-bhrabach ar a' méid adéarfas tú, tiocfa 'chuile fhocal de do chuid cainnte amach in t'aghaidh lá na cúirte."
"Tuille d-l agad! Breagh nar choinnigh tú do bheal ar a chéile, a's ní fhéadfadh aon-duine aon-bhrabach a fhaghail ort. Ach níor bheo thú gan a bheith in do chlaibín muilinn igcomhnuidhe. B'fhéidir go n-íocfá ann anois."
"Ag iarraidh a bheith a' breith braba(igh) ar dhaoine i gcomhnuidhe a bhío(nn)s sé." "Shíl sé brabach a bhreith orm, a's an focal adubhairt mé 'fhastú." "Níl cainnteoir a bith is géire ná é: is maith a bheitheá ar do mhaidí nó gheobhadh sé brabach ort."
"Ní fheadfadh aon-duine aon-bhrabach a fhaghail ar a' méid sin." "Ní fhéadfá do bhéal 'oscal (= oscailt) nach mbeitheá fastuighthe aige, a's brabach faighte aige ort."

Brachlainn [baininscin: iolraidh: brachlainneachaí].

(i) cárnán nó láithreachán mór de rud a' bith.

(ii) tonn mhór árd, a eirigheas san aer a's a bhriseas a's a réabas roimpe ar a' gcladach, nó ar chora, ar sceird, ar mhullán nó in aghaidh strapa ar an gcladach. Is minic nuair a bhriseas na brachlainneachaí go n-imthigheann siad leo in a mbréidíní marbha, cáithte.

[féach "Inis Meadhoin", Peadar Ó Coinceanainn]

"Is diabhluidhe an bhrachlainn éisc atá aige", adéarfá nuair a d'fheicfeá an stropa nó'n máilín éisc caithte amach ar a' gcarraig, ar a' talamh, nó sa mbád ag iascaire.

"D'eirigh an-bhrachlainn éisc leis indiu. Is mór a' fátalluidhe é."

"Bhí sin aige, de bharr a lae, brachlainn bhreagh bhláthain. Chonnaic mé caithte ar an urlár rómham iad."

"Chaithfeadh sé go raibh an-mharbhú ar iasc indiu, a's an bhrachlainn a d'eirigh le N. Ph. Ní fhaca mé fós imbliadhna aige, thar chupla bláthainín, a's bod gorm."

"Chuaidh mé 'na chladaigh le cupla urchar iascaigh a chaitheamh roimh an gCingcís, a's ní chreidfeá ach a' bhrachlainn éisc a thárluigh mé liom."

"Bheadh brachlainn agam, marach go raibh na logaigh ídighthe orm, a's ní fiú do sheacht mallacht na portáin ar a n-aghaidh fhéin."

"Is mór an saothruidhe tú, má mharbhuigh tú fhéin an bhrachlainn éisc sin, fré chéile."

"Níor bhfiú do dhuine 'bheith dhá mheath fhéin le cupla bláthainín, faoi nach n-eireochadh brachlainn bhreagh bhallach leis."

"Is áidhbhéil a' bhrachlainn choirce a bhí ar a' ngarrdha siúd aige. Ní bheadh fhios aghad é, go bhfeicfeá é idtoll a chéile san iothlainn."

"Tá brachlainn mhór arbhair imbliadhna aige, rud ab annamh leis. Maran ar a' mbliadhain a bhí sé, ní hé fhéin a rinne é."

"Bhí mé istigh sa scioból indé ann, a's tá brachlainn mhór sean-fhataí aca(b) fós"

"Céard a dhéanfas sib leis a' mbrachlainn spré mhóna údaidh atá ar bruach. Caithfidhear í 'chrapadh as siúd, sul a dtosuightear a' baint

aríst, nó beidh sí sa mbealach."

"Tá an-bhrachlainn fhéir leigthe aige indiu."

"Is mór an bhrachlainn fhéir atá bainte aige ó eadarshuth."

"Tá brachlainn mhór chloch tarraingthe aige, maran a' brath ar teach nuadh a dheanamh atá sé."

"Tá na clocha caithte in a mbrachlainneachaí ar a' mbóthar."

"Níl sé in araidheacht 'bicycle' a' bith a chuir ann (ar bhóthar) anois, le na brachlainneachaí cloch atá air."

"'Sé dicheall duine é 'shiubhal, ní áirmighim 'bicycle' a thabhairt air, le na brachlainneachaí cloch cladaigh a scaradh air, le scathamh."

"Is olc an earradh ag 'bicycle' na brachlainneachaí cloch seo."

"Tá an-bhrachlainn chairrigín scartha ar Chnocán Garrdha an Chladaigh hebrí (= pé'r bith) cé leis é."

"D'fheicfeá na brachlainneachaí a bhí a' briseadh ar an mBantra, dhá mhíle ó bhaile" = tonntrachaí áithbhéalta.

"Bhí brachlainn ar Bharr na Cora, a bhí 'g (dh)ul míle 'san aer, a's chuaidh bád na Trágha Báine siar 'na dheidh (= dhiaidh) sin."

"Is áithbhéalta na brachlainneachaí fairrge a bhío(nn)s ar chladaigh Árann adeir siad liom."

"Dhá mbeireadh brachlainn mhór an Bhantra orainn, bhí a' (= ar) gcosa nighte. Bháithfeadh sí soitheach mór."

"Is mór a chruthuigh na currachthóirí a's srianadh isteach thrídh na brachlainneachaí a's na maoidhmeannaí móra a bhí ar Charraig Bhéal Trágha."

"Thug brachlainn Charraig a' Mhatail fuighleach le déanamh dóibh!" = is ar éigin a sháruigh an bád í. "Bíonn brachlainneachaí mar sin ar chladaigh dána, an lá is ciúine sa mbliadhain. Is beag an bhrigh iad, le h-ais na nDásachtaí thiar i Leitir Mealláin."

"Dheamhan ar na mangaigh a thiocfas mise aríst imbliadhna, ó thug mé an eang liom ó bhrachlainn Bharr na Cora indé."

Brád, Brádán = mion-bháisteach, ceo reatha; ceobrán trom báistighe.
["drizzle"]
Brád = mar seo a bhíos sé ar an Achréidh, ní abruighthear "brádán" ann.
Brádán = seo é deirtear i gConamara i gcomhnuidhe, ní abruightear brád aindeoin gurab é an bun-fhocal é. (focla an-choitchiannta iad brád, brádán)

"Gabh isteach ó'n mbrád." "Tháinic sé 'na bhrád báistighe."
"Tá an-bhrád báistighe ann." "Is gearr a bheitheá de do fhliuchadh faoi'n mbrád sin." "Shílféa nach raibh ann ach mion-bhrád, a's d'fhliuch sé go craiceann mé 'na dhiaidh sin." "Ní dhéanfa sé ach brád, ach cé measa dhúinn a dhonacht." "Is olc a rachas an brád seo do choirce atá ar sraith." "Is iomdha duine ar rug an brád báistighe seo indiu air" (a' cur isteach coirce etc). "Ní raibh ach an féar leigthe amach ar éigin agam, nuair a tháinic an brád." "Nach ciotach a chaithfeadh an brád báistighe sin breith orainn ar a' mbóthar."
"Ní leaghfa an brád beag sin thú, le na dhul amach faoi."
"Scuir mé (= d'eirigh mé as obair) chomh luath a's thainic an brád."
"Bhí an lá meathta orainn (= briste) de bharr an bhráid sin a chaith sé taca am' eadarshutha." = bhí an lá amudha orainn nó briste
"Nuair a chonnaic mé an brád báistighe sin, shíl mé go ndéanfadh sé lá as éadan de."
"Brádán fliuch go leor é." "Bhí brádáinnín beag báistighe ann."
"Shíl mé nuair a chonnaic má an brádán go ndéanfadh sé lá sa gclaidhe." (féach "claidhe").
"A' neartú tá an bradán: 'sé mo thuairim gur lá briste é."
"Is mór a' mhaith ar a' gcur a' bhrádáinín sin fhéin, mar bhí sé spalptha ar fad" = seargtha, feoidhte.
"Bainfe sé an lá amach leis a' mbrádán seo anois."
"Ní fhéadfá a dhul amach ar a' mbrádán seo, mara ndéana sé aith-deala"
"Ná teirigh amach faoi'n mbrádán sin, nó beidh tú fliuch báidhte gan mórán achair"
"Tá mion-bhrádán ann, ach níl sé an-trom."
"Cá mbeitheá a' tabhairt t'aghaidh a's an brádán báistighe atá sé 'chaith(eamh)." "Is dona na gnaithí 'bheadh ort, a dhul 'na phorta(igh) a's an brádán báistighe atá ann."

Brat-scair = ainm-fhocal, baininscneach. tuiseal gein. brat-scarach, b.-scaire.
Brat-scair = sraith de rud a' bith a bheadh in aon-láithreachán amháin
ar a' talamh; sraith a d'fhágfaidhe dhá thuaradh nó dhá thiormú, a's nach
dtóigfidhe, nó a d'fhágfaidhe faoi amlughadh

"Tá an mhóin annsiúd in a brat-scair" = fágtha scartha gan
tógáil ar an bportach, nó thiocfadh dhi gurb é an chaoi ar
fágadh í thar gheimhreadh in a goigíní nó in a gróigíní beaga.
"Fágadh a raibh de mhóin ar a' mbruach thiar in a brat-scair
fré chéile anuiridh. Shíl sé go dtiocfadh tiormach sa bhfoghmhar, ach
in a leaba sin, tháinic an bhliadhain chomh dona, a's nar
thiormuigh fód ar bith." "Ba cheart do'n spré-mhóin siúd ar
a' lag-phortach tiormach maith a bheith anois uirre, a's a bhfuair
sí de róstadh le coicís. B'fhearr caoi a chur anois uirre,
a's gan í 'bheith in a brat-scair annsiúd níos fuide."
"Is dona a chlis tú ar a' bportach móna sin, gur fhága tú in
a bhrat-scair mar sin é. D'fhéadfadh sé a bheith aith-ghróigthe
aghad ar a' tiormach mór." "Is mór is fiú í (: an mhóin) a
bheith in a leath-dhubhacháin fhéin. Caoi a' bith nach bhfágfaidhe
caithte in a brat-scair faoi'n sioc í, dheamhan a' mbeadh
daor-bhasctha dhi chor a' bith." "Dheamhan sop féir ag gabhail
le M. Mh. Bh. annsin thoir, nach caithte in a bhrat-scair
mar sin atá, faoi amlughadh. 'Bhfaca tú fear a' bith ariamh
nach dtapóchadh a ghna(ithe) ach é?" "Coirce a' bith a bhí
fágtha ar sraith faoi na tuilte sin, tá sé in a bhrat-
scair lobhtha anois." "Dheamhan iongantas a' bith a dhéanfainnse
gur théith an coca féir sin. Nar fhága sé in a bhrat-scair
annsin thíos é ar feadh coicíse, gan breathnú siar air.
Bíodh sé buidheach nuair nar lobh sé ar fad."
"Chuir sé an cairrigín ar tuar thíos i gcurrach an chladaigh
a's d'fhága sé annsin é in aon-bhrat-scair amháin gur
leágh sé. Ach chreidim nach hé is mó a bhí a' deanamh ímnidhe
dhó an tráth céadna." "Bhain sé díol a' gheimhridh de
raithneach, a's d'fhága sé in aon-bhratscair amháin í
annsin thiar sa scainimheáin, gur lobh chuile blas di."

Breagh. aidiacht. [breis-chéim a's sár-chéim. breaghcha, breaghaichte breaghachta. Bíonn na trí leagan sa gceanntar céadna a's go minic ag a' duine céadna. Is deacair a rádh cé acu de'n chéad phéire is coitchiannta, ach níl "breaghachta" an-mhór igceist.
Urlabhraidheacht: breágh: ([a fada]) = Cois-Fhairrge a's Conamara ó dheas de bhóthar a' Chlocháin. Breagh: (níl an a gearr amach a's amach, mar tá i "bean" cuirim i gcás): Tuaisceart Chonamara, an t-Achréidh. breógh atá in áiteacha ar an Achréidh, ag sean-daoine imBaile an Mhóintighe, Baile an Chláir, cuirim i gcás]
Breagh = (i) deas, taithneamhach, dathamhail, slachtmhar, deagh-dhéanta nó deagh-chumta; áirgeamhail, aoibhinn, gnaoidheamhail; mór, maith, bog.
(ii) an- (uair a cuirtear le aidiachta áithride eile é, tligeann sé a chiall fhéin, ach neartuigheann nó géaraigheann sé brigh an aidiachta eile.
(iii) imeartha, ealadhanta, géar-chúiseach, ámhuilleach.
(iv) iongantach;

"Bean bhreagh" [nuair a samhluightear breagh le daoine is iondamhail nach slacht ná dathamhlacht a bhío(nn)s i gceist ach deag-chumadh nó déanamh an chuirp. Bhéarfaí "fear breagh" ar dhuine a bheadh mór, ascartha, láidir, aindeoin nach mbeadh fhairis sin de dhathamhlacht ann b'fhéidir]. "teach breagh", "capall breagh", "aimsir bhreagh" (aimsir thirm nach mbeadh aon-fhuacht ann) "tráigh bhreagh" (tráigh mhór, nó tráigh rabharta). "béilidhe breagh" (béilidhe maith, nó go h-iondamhail béilidhe a mbeadh fairsinge ann) "sioc breagh" (sioc mór), "fataí breagha" (fataí móra) "múr breagh báistighe" = múr mór. "dorna breagh" = dorna mór, trom. "Malach breagh feamuinne" = ualach mór. "Mám bhreagh shiúcra" = glaic mhór. "Cruach bhreagh mhóna" = cruach mhór, théagarthach "Buicéad breagh uisce" = buicéad a bheadh líonta go buinne bruach. "Gloine bhreagh phoitín" = gloine a bheadh líonta go buinne bruach. Scallach bhreagh tae" = bleaghanach mhór tae.

"Tá tráigh bhreagh ann indiu." "'Lá breagh, tráigh bhreagh a's cailíní deasa'" = leath-fhocal. Trí rud a bheadh foghainteach do dhuine. "Tá'n uair (aimsir bhreagh) bhreagh ar fághail." "Ní mhór an uair bhreagh a thapú. Ní thiubharfa sé uair bhreagh uaidh i gcomhnuidhe." "B'éidir go mbeadh sé indon corruighe mach anois, le toidheacht na h-uaire breagh." "Gheobha tú biseach tigheacht na h-uaire breagh." "Is iomdha cruadhóig thairis a bheidheas orainn, tidheacht na h-uaire breagh."

"'Nach truagh mé anois a' scaradh leat tigheacht na h-uaire breagh, Nuair a bheidheas an chuach a' goireamhaint, a's an duilleabhar glas a' fás'" [As "Brighid Ní Ghadhra"]

"Tá'n oidhche go breagh" [mar ainm-bhriathar cuirtear go leis, fearacht a lán focal eile "go maith" olc etc.] "Is breagh an sioc é."

"Tá sé go breagh indiu" (duine a's biseach aige).

"Chaith sé múr breagh báistighe." = mór. "Tá snáth breagh feamuinne istigh." "Chuaidh sí airgead breagh" = rudaí a díolfaidhe

"Ól suas scallach breagh tae, is téithfe sé thú."

"Tá réim bhreagh talmhana aige annsiúd" = mór.

"Dhá gcaithead sé scráib bhreagh shneachta, bhainfead sé an fuacht as an uair." "Is breagh an píosa cainnte í 'Argóinteacht Oisín a's Phádraig'." "Is breagh an Ghaedhilge atá aige." "Go mbadh bean bhreagh í do bhean!" = cuid de shean-eascainidhe. "Is breagh í do chuid cainnte go deimhin!" = nuair a bheadh gráiscínteacht, nó cainnt mhío-thaithneamach tarraingthe anuas ag duine. "Is breagh uaidh amhrán a rádh" = "tá amhrán breagh aige" = tá sé indon amhrán a rádh go maith. "Is breagh uaidh, ráig óil a dhéanamh." "Is breagh uaithe píosa scamhléarachta a chuir di." "Is breagh uait an páidrín a rádh, bail ó Dhia ort." "Nach breagh uaidh, teach a dhéanamh" = tá sé oilte go maith ar thighthe a dheanamh." "Nach breagh uait, eascainidhe a dhéanamh." "Is breagh go léir uaidh, biadán a dhéanamh ar a chomharsa." "Is breagh go léir uaidh báire a bhualadh." "Is breagh go léir

uait bréaga a chumadh." "Is breagh ó Tom Sh. amhrán a chuir amach dhá chroidhe" = bíonn croidhtheamhlacht a's meanmna ina chuid fuínn. "Is breagh an rud do dhuine thú 'bhualadh má tá rud in t'aghaidh aige, fharra's a bheith a' coireamhaint a's a' cúl chainnt ort." "Is breagh í an leaba fhéin." "Ba bhreagh an rud bainis bhreagh a fhaghail anois." "Is breagh an rud a bheith aerach, ach is gránna an rud a bheith mío-chaoitheamhail." "Is breagh uait cainnt a dhéanamh" = duine 'mbeadh neart cainnte aige faoi rudaí a bheadh do-dhéanta, nó ionann's é. "Is breagh uait cainnt a dheanamh! Tuige nach mbuaileann tú fhéin faoi, mar sin?" "Ba bhreagh an fear láighe é, 'ndéana Dia trócaire air" = "badh an-fhear láighe é; bhí sé go maith i gcionn na láighe." "Is breagh an fear ceoil é."
"Is breagh an fear nathuidheachta é, is breagh sin."
"Is breagh an t-ughdar caillighe í" = bean óg mhio-dhathamhail, nó bean óg gan fuinneamh ná fáscadh. "Síleann sí nach breagh go dtí í" = síleann sí go bhfuil sí an-bhreagh. "Síleann sé gur breaghcha (gur breaghaichte) í sin ná Spéir na Gréine." "Síleann sé fhéin, gur breaghcha í sin ná'n ghealach sa meadhon-oidhche." "Is breagh é do scéal" = duine a bheadh a' déanamh gaisce as rud eicínt, a's nar bhuidheachas a' bith air an rud sin a bheith déanta aige, déarfaidhe seo leis. "Deir tú go mbadh ceart dom iad a bheith curtha agam. Is breagh é do scéal."

"Teirigh abhaile má's breagh leat é" = má thogruigheann tú é; má's maith leat é. [Bíonn gangaide ann. "Mara dtaithnigheann seo leat, féadfa tú é a fhágáil do dhiaidh, an chiall a bhíos leis.] "'An té gur breagh leis é, teigheadh sé an ród seo siar'" = [líne as "An Draighneán Donn", ach deir daoine eile ab áil in áit "gur breagh")]
"Teigheadh má's breagh leis é. Ní chuirfe duine 'bith aon stróbh air fanacht." = mara dtaithnigheann leis, tig leis imteacht abhaile.
"Déan má's breagh leat é." "Teirigh abhaile má's breagh

leat é. Nó fan má's breagh leat é. Ach níl aonduine ag iarraidh thú a choinneál de'n bhuidheachas." "Mar is breagh leat fhéin, ach má dhéanann tú é, racha mise faoi dhuit go n-íocfa tú é" = déan é, má thogruigheann tú, ach mise faoi dhuit go mbainfidhear siar asad é, má dhéanann.

"Mar is breagh leat fhéin anois. Tiocfamuid abhaile má thogruigheann tú" [ní bhíonn mórán gaimhe ann sa leagann sin "mar is breagh leat]. "Rud a' bith is bréagh leat fhéin anois. Tá mise sásta."

"Caoi a' bith is breagh leat fhéin anois é, a chur, cuir é. Is cuma liomsa." "Áit a' bith is breagh leat a dhul anois, ní miste liomsa." "Duine a' bith is breagh leat fhéin a iarraidh (ch)uig a' mbainis, iarr iad. Ní chuirfe duine a' bith annseo in t'aghaidh." "Tóg é, má's breagh leat, nó fág do dhiaidh é má's breagh leat, ach ní leigfe mise an gamhain lag labhartha(?) as na sé phunt." "Mar is breagh leat fhéin, a mhic ó. Níl duine a' bith a' cur aon-cheist ort faoi na dhul 'do rogha áit. 'Beatha do dhuine a thoil' mar 'deir a' ceann eile." "Ná fan le torann do chos, má's breagh leat. Ach deirim leat, má imthigheann tú, go gcodlócha tú amuigh anocht." "Buaileadh má's breagh leis é, ach d-l mise, má bhuaileann, gur fada aríst go mbuaile sé aonduine." "Fan ó'n scoil má's breagh leat fhéin é, ach cuirfe mise geall go gcaoinfe tú fós é." "Maran breagh leis a dhul ann, fanuigheadh ("fanadh sé" freisin) sa mbaile." "Maran breagh leat é 'dheanamh ná bac leis. Gheobhfaidhear duine a dhéanfas é, feicfe tú fhéin." "Maran breagh leis fhéin é, is dona na gnaithí a bheadh ar aonduine eile bacadh leis." "Deanfad má's breagh liom é, a's ná raibh maith agadsa as' ucht."

"Is breagh a gheobhfadh sí daoine le na cuid coirce a bhaint di!" = bhí gothadh aice ar chongnamh a fhaghail leis a' gcoirce a bhaint di; shíl sí go bhfuighead sí congantóirí leis a' gcoirce a bhaint gan stróbh a' bith. [breagh = bog]

"Is breagh a fuair sé amadáin le na chuid móna a scaradh dhó." = is bog a fuair sé daoine lena chuid móna a scaradh dhó. "Is breagh a d'eirigh lán laidhre leis, gan saothrú 'bith." "Shíl mé nach bhfuigheadh sé aon-bhean sa tír, a's nach breagh go bhfuair in a dhiaidh sin" = nach maith; nach iongantach; nach groidhe; nach h-ait go bhfuair.

"Níor íoc sé an fear fánaighe deire a bhí aige fós, a's nach breágh a chuaidh fear eile leis in a dheidh sin." = níor íoc sé tuarastal an fhir páighe a bhí aige go deireannach, a's nach iongantach a chuaidh fear eile ag obair aige 'na dheidh sin.

"Is gearr ó bhí siad in árachaí a chéile, a's nach breagh go raibh siad mór le chéile, chomh luath a's a tháinic an t-an-shógh orrab." "Tá'n cháil sin air, a's nach breagh, go n-éistfe daoine leis, in a dheidh sin." "Rud a' bith nach raibh te ná trom aige sin, ariamh, ghoid sé é, a's nach breagh nach rugthas ariamh air in a dheidh sin." "Nach breagh go labhrann sib leis, má tá an oiread sin gráin agaibh air?" "Má tá tusa chomh láidir a's tá do leigeann amach, nach breagh a loic tú ó J. Sh. nuair a bhí sé a' cuir achrainn ort ag béal a' bóithrín!" "Tá sib a' cuireamhaint a's a caitheamh anuas ar a' teach sin 'chuile ré soluis, a's nach breagh go dteigheann sib ann in a dheidh sin?" "Má tá an oiread sin airgid aice, nach breagh nach n-íocann sí 'bhfuil d'fhiacha amuigh uirre!"

"Nach breagh nach mbeadh foighid agad liom go fóilleach!"
= shílfeá go mbeadh foighid agad liom go fóilleach; tuige nach
mbeadh foighid agad liom, go cheann tamaillín.
"Nach breagh nach mbeadh ciall agad, a's leigean de'n
ainnle bhradach sin! Tá sé sin sáthach gártha mar
tá sé, a's gan tusa 'bheith spocadh leis, a's a'
baint chaoineacháin as" (páiste). "Nach breagh nach
dteigeann tú amach a's rud eicínt oibre a dheanamh?"
"'Breagh nach ndeacha tú a's fál a chuir ar an áit
a mhíll tú aréir
Nó má theigheann na ba 'sa bhfásach is fánach mar
'bheidheas an féar'" [As "Sliabh Uí Fhloinn"]
"'Breagh nar dhubhairt leis fhéin a dhul a's a dheanamh?"
"'Breagh nar bhuail tú é'" = nach breagh nar bhuail tú
é = nach iongantach nar bhuail tú é = ba cheart duit
é a bhualadh; bhí agad é a bhualadh. "'Breagh nar
bhiorruigh tú an bhearna sin thiar. Nach mbeidh sí
ina béal in áirde arís faoi cheann cupla
lá?" "Breagh nar dhubhairt tú in am liom é?"
"Breagh nach dteigheann sé fhéin a's é a dhéanamh, a's
gan a bheith a' comártas le duine a' bith eile."
"Comhairleocha sin arís thú. Breagh ar innis tú dhó é?"
"'Sé rinne an ceart leat. Breagh ar bhain tú le na
cuid ubhall!" "Breagh nach mbeadh foighid agad.
B'éigin do do mháthair fanacht leat" = déarfaidhe le
duine mío-fhoighdeach é. "Breagh nach mbeadh stuaim
eicínt ionnad thar mar tá, a's gan a bhfuil
faoi chaolachaí an tighe a chaitheamh anuas?"
"Is maith an aghaidh ort a' méid sin. Breagh nar
ghlac tú an réidhteach?" "Breagh a ndeacha tú
ann: nach rabh fhios agad gurb shin é a gheobhfá
le leicín a' doithchill a bhriseadh aige siúd." = duine
ar caitheadh go dona leis in áit.

"Tá caitheamh a's cáineadh aige ar a' gcliamhain, is nach breagh in a dheidh sin, nach maith leis go n-abróchadh aon-duine eile aon-cheo leis." = nach maith. "Chuireochadh sé fhéin go maith ar mhuinntir na mná, a's is nach breagh nach dtaithnigheann leis aonduine eile a fheiceál a' cuireamhaint orra(b) th'éise sin" (= aindeoin sin). "Nach breagh nach mian leis, congnamh a' bith a thabhairt uaidh é fhéin, th'éis go mbíonn gothadh aige ar chuile duine eile." "Ólfa sé go súighte é, ach nach breagh nach maith leis pighinn a' bith a chaitheamh air." "Gheobha sé locht ar dhaoine eile go maith, ach nach breagh nach mian leis fhéin buille 'bith a dhéanamh." "Iarrfa sé ar dhaoine eile é 'bhualadh go maith: nach breagh nach mbuailfeadh sé fhéin é?"

"Nach breagh atá sé a' faghail na h-oibre leis?" = nach deas atá an obair a' teacht leis; tá sí ar éascaidheacht aige. "Nach breagh a fuair sé leis í?" = duine a phósfadh bean, a's gan é leath chomh measamhail, chomh h-árd-nósach nó chomh saidhbhir léithe; ceann-oibre nó rud a bheadh a' teacht leat ar sheol na braiche. "Nach breagh atá an chois a' tidheacht leis?" = duine nach mbeadh aon-mharach a' fanacht ar a chois, th'éis an-ghortú a thabhairt di.

"Nach breagh an scéal atá agad!" [nach breagh é do scéal] = dá n-abruigheadh duine rud eicínt a bheadh follusach ag 'chuile duine, nó a mbeadh fios ag chuile dhuine cheana air, déarfaidhe seo. "Nach breagh an scéal atá agad. Nach bhfuil fhios aghainn fhéin a' méid sin." "Is diabhaltaidhe breagh an scéal atá aghad. Nach bhfuil 'fhios ag feara fáil a' méid sin cheana!" "Is breagh an scéal atá aige! Ar shíl sé, go spréidhfeadh muid an ithir gan síol a' bith a chuir innte?"

Breagh = imeartha, ealadhanta, ámhuilleach.

"Pádraig breagh a bhí dhá rádh" = sé'n buachaill báire sin Pádraic adubhairt é. "Ná h-iarr é indiaidh Chuilm Bhreagh" = chuir sé a bhail nó a innseacht fhéin air. "Tom breagh se'aghainne a rinne é, chomh siúráilte a's tá tú annsin." "Sin a thomhais ort, céard a rinne an Curraoineach breagh aréir, ach a' tobac a bhaint as mo phíopa, a's é 'líonadh suas le smúdar móna a's súighe, ach gur chuir sé ruainnín beag tobac ar a bharr, le faitchíos go mbrathfainn tada." "Dheamhan 'athrú a bhí ariamh ann, ach an t-ógánach breagh seo thíos." "Sé'n lóistéara breagh sin istigh agadsa is cionntaighe leis ó thús, deire, go tosuigh." "Má fhaghaimse leigean ar Sheán breagh seo thiar, fágfa mé cneadh ann, fágfa sin." "Sé'n peata breagh sin istigh agad, a tharraing a' rachlas seo an chéad uair. Is córa dhuit smacht a chuir air, a's gan é 'bheith leigthe leis fhéin, mar 'tá." "Marach a' nathuighdeoir breagh seo amuigh, ní bheadh focal arrannta a' bith ann ó thús; fhéin." "Maidhc breagh seo thíos a bhí in a thús scéil leis, ach is beag de'n mhilleán a shroich dhó, in a dheidh sin." "Má ghéilleann tusa do Mháire bhreagh, gheobha tú do sháith de na bréaga." "Marach Peadar breagh se'agaibhse, is beag de na gnaithí seo a bheadh ar a' mbaile — is beag sin. Tá 'n deamhan a's a deabhach ar sin le ealadhain a's cat mara." "Mara bhfuil d'ughdar agad leis a' scéal ach a' Loideánach breagh, ní mórán ughdair é. Chuirfeadh sé sin, maoil ar a' teach le bréaga." Chuirfeadh Darach breagh sin dhá Chrích Mhuire thrídh na chéile." "Má's é an bréagadóir breagh seo thoir adubhairt leat é, ná géill dó, dubh bán ná dubh buidhe."

"Nach breagh atá sí a' sceinneadh amach?" = ordú a' teacht ar bhó, duine a' méadú etc. "Nach breagh atá sé a' méadú?" "Nach breagh atá a cuid a' dul di?" = "nach breagh atá slacht a codach uirre!"

"Bhí sé isteach breagh, luath" = i gcásanna de'n tsórt seo, nuair a cuirtear breagh roimh aidiachta eile, fearacht luath, láidir, moch, bog, ciúin etc, tligeann sé a chiall fhéin, ach neartuigheann sé ciall an aidiachta eile. "Bhí sé isteach breagh, luath" = luath go maith, nó chomh luath, a's a bhí sé a' teastáil, nó a d'fheil dó. "Is breagh bog, a' lá é, buidheachas le Dia." "Tá sé breagh, láidir len' iomchur." "Is breagh óg atá sé a' breathnú fós." "Is breagh deas a' bhean atá aige." "Nach breagh moch a chorruigh tú?" "Is breagh storramhail a' gasúr é, bail ó Dhia, a's ó Mhuire air!" "Is breagh mór a' fear atá sé a dheanamh, le goirid." "Is breagh fuar a' trathnóna é" = ní chialluigheann seo go bhfuil a' trathnóna go breagh, ach go bhfuil sé meath-fhuar go leor. "Is breagh súighte uaidh braonachaí 'ól." "Cuirfe mé geall gur breagh tuirseach atá tú anois, de bharr do lae." "Is breagh tirm atá na criathraigh, th'éis a' méid sin trioma(igh)." "Is breagh fliuch an oidhche í."

Breaclach iolraidh = breaclaigh, breaclachaí

= áit gharbh, chlochach, a's corr-giodáinín nó póicín talmhana annseo a's annsiúd idir na clochair a's na carracáin. ("áit chlocach a mbeadh ceapóga idir na clocha móra ann" — Tomás Bairéad).

"Tá barr a' bhaile uiliog faoi bhreaclachaí."

"Níl fód talmhana a' gabhail leis ach breaclachaí."

"Tá cuid mhaith broc is na breaclachaí sin siar."

"Níl samhaoine 'bith eile imbreaclachaí Bhaile an Ghleanna, cé's moite de'n raithneach fhéin." "Is mór is fiú dhuit a bheith dealuighthe amach as na breaclachaí, hébrí céard a dhéanfas Dia leat."

"Níl cion garruidhe maith in a bhfuil de bhreaclachaí a' gabhail leis" = ní dhéanfadh a bhfuil de bhreaclachaí uilig aige garraidhe amháin a's cuirtear i gceann a chéile iad.

"Cé'n chaoi 'mbeadh deis mhaireachtála aige, a' carruidheacht le breaclachaí." "Breaclachaí as éadan an gabhaltas thiar."

"Tá coiníní thar a' chéile sa mbreaclach atá taobh thiar de bhóthar." "Is fadó an lá cheana nar saothruigheadh an bhreaclach sin." "Tá cupla póicín aige thiar 'sna breaclachaí sin thiar — sin é 'bhfuil de thalamh aige."

"Diadhachta dhuit má fuair tú deis athrú, nár athruigh dhuit fhéin, fharrus do chuid alluis a bheith tugtha chuile lá sa mbliadhain ag breaclachaí bradacha an bhaile seo."

"Níl sé in araidheacht capall na carr a thabhairt ann, arae is breaclachaí fré chéile é."

"Chuaidh an bhó idtreascairt 'sna breaclachaí atá faoi íochtar a' bhaile."

Breathas = míádh, tubaiste, catmara, diabhal, ámhuilleacht, ciotaighil. (Achréidh)

"Nach ar do láimh atá an breathas, go gcaithfe sí an millteanas a dhéanamh!" = nach thú atá ámhuilleach; nach ort atá an fonn millteanais?

"Tá breathas a' domhain air" = "tá an-bhreathas air." = tá sé contráilte, mioscasach."

"Ní fhaca mé do léithide ariamh le breathas."

"Níl cinneadh 'bith le na chuid breathais!" "Is mór a' t-iongnadh, nach leigfeá de'n bhreathas uair eicínt." "D'imthigh an deabhac (= diabhal) ort le breathas!"

Bréinleach = ainm-fhocal, firinscneach.

= féar uaibhreach, a d'fhásfadh ar bhualtrach.

"Níl aon-tóir ag na beithidhigh ar a' mbréinleach sin, ó thárla gur ar a' mbualtrach fhéin a d'fhás sé. (N)ach ní bheadh col a' bith acab leis, dhá bhfásadh sé ar bhualtrach capaill. Ar a' gcóir chéadna, ní bhíonn aon-chol ag a' gcapall leis a' mbréinleach a bheadh ar bhualtrach na bó, aindeoin nach leagfad sí smut ar a cuid fhéin."
"Tá fásach féir leis a' gclaidhe thiar, ach má tá, is bréin-leach é fré chéile. Tá'n cuid eile de'n gharrdha creínnte go grinneal acab" (i.e. ag na beithidhigh) = níl aon-tothlú acu leis a' mbréinleach, ach tá'n cuid eile de'n gharrdha ithte go creafóig acu. "Is beag a' tomsacht (fhéir) atá ann anois, cé's moite de chorr-thom bréinligh." = is beag eile atá ann a d'íosfadh beithidhigh. "Má scaoileann tú isteach a' capall sa ngarrdha sin thuas, gheobha sí sracadh fós ann. Tá bréinleach ann indiaidh na mbeithidheach."
"Bréinleach as éadan é an cúl thiar, arae bhí fascadh ag na gamhna ann i lúibinn a' chlaidhe"
"Nach uaibhreach a fhása(nn)s a' bréinleach fharras chuile rud eile! Níl aon-leasú amuigh inchínnte ar a' mbualtrach in a dheidh sin." "Bhainfeá le speal (speil) a bhfuil de bhréinleach ann, a's dheamhan bolg a thiubhradh na beithidhigh dhó, in a dheidh sin" = "tá fásach bréinlighe ann a's ní leagfadh na beithidhigh smut air in a dheidh sin."
"Tá solamar maith fós ann, ach gur bréinleach é. Ach is beag a' locht a bheadh ag a' gcapall air. 'Sí a d'íosfadh é go súighte." "Nach groidhe an rud é sin fhéin anois! 'Bhfeiceann tú an garrdha sin chomh lúm (lom) le croidhe do bhoise, in áiteachaí, a's bréinleach chomh glas le geamhar in áiteachaí eile."

Breoiteacht: ainm-fhocal: baininscneach: tuiseal geineamhnach: breoiteachta.
a' breodhadh (breodhchan) = briathar. breoidhte: aidiacht ó'n mbriathar.

Breoiteacht = meath-thinneas; tinneas gan phian; meathluigheacht; slabhcadh.

"Tá breoiteacht eicínt air" = tá meath-thinneas nó meathluigeacht eicínt air. "Cá'id ó bhuail an bhreoiteacht é?" "Dheamhan a' féidir gur breoiteacht atá ort, a's scáth an t-achar ó 'bhí sí cheana ort."
"Má's breoiteacht aríst é, níl fhios agham, cé'n scéal é."
"Tá sé in am aige feasta an bhreoiteacht sin a bheith dhi aige."
"'Sé'n chaoi a mbuaileann an galra sin thú in a bhreoiteacht, a's neartócha sé ina phian annsin ort. Deirimse leat, gur deacair é sin a chuir as do chrioslaigh."
"Tá breoiteacht eicínt a' dul dom ó mhaidin. Níl mé tínn a's níl mé slán, a's is deacair a rádh cé'n chaoi a bhfuil mé."
"Breoiteacht óil atá air" = tinneas póite; tinneas óil.
"Tá breoiteacht orm ó mhaidin, de bharr ar ól mé aréir."
"Má tá breoiteacht air, is beag a' t-iongnadh é, a's an foracún a d'ól sé indé." "Dheamhan leigheas ar do bhreoiteacht, ach tuille 'ól. 'Leigheas na póite í 'ól aríst' adeir siad." "Bhí mé in an-chaoi ó mhaidin indiu, le breoiteacht óil, a's gan fóirithint a' bith indán dom." "Tá sé in a luighe le breoiteacht."
"Is beag a' bhreoiteacht a bheidheas ar sin, nuair 'fheilfeas sé dhó fhéin."

Breodh = briathar = dhubhuigh, d'fheodh, shearg,
(Breodhughadh) Breodhchan = duibhthean, ángar (= amhgar), seargadh, "téitheadh".
Is minic a bhíos an chiall angar nó duibhthean croidhe le "bhreodh" as na h-amhráin, ach tá sé indáil le seirgthe mar seo, sa gcainnt anois: -
"'Ach siúd an rud a mharbhuigh a's a bhreoidh mo chiall
A's a d'fhága mé ag osnaighil indiaidh mo Chaitlín Triall."
("Caitlín Triall")
"'Teachtain ó'n gceol dom, a's mé breoidhte, lag, tuirseach, ó'n oidhche

Seadh dhearc mé mo stóirín, ar mhóinín, lághach geanamhail 'na
suidhe.
A gruadh mar an rósa, 'sí a bhreodh a's a mharbhuigh mo chroidhe
A's an té a bhlaisfeadh dhá póigín, 'sé is dóigh liom, bheadh fad ar
a shaoghal'" ("Céad slán do'n Abhainn Mhóir").

"'Truagh géar gan mé in mo smóilín, is deas a leanfainn thríd
a' ród thú
le cumha 'ndiaidh Bláth na h-Óige, mar bhreodh sí mo chroidhe'"
("An Sceilpín Draighneach")

Le féar, arbhar, nó mianach luibheannach is mó a bhíos "breodhadh"
i gceist anois. Ní h-ionann é amach a's amach a's "dreoghadh".
Fuigheall "téithte" é breodhchan i bhféar in arbhar nó i
mianach luibheannach, ach dhreoghfadh rud nach "dtéithfeadh" nó
nach lobhfadh chor a' bith. Thárlóchadh sé go n-eireochadh dreoghchan
do rud le iomarca tiorma, a's go mbeadh sé in a
chonuas mío-bhlasta dhá bhárr.
"Má chocann tú é a's an ghail bhruithte mar sin as, breodhfa
sé" = téithfe sé, a's dubhócha sé,
a's tiocfa leath-lobhadh sa gcoca air. "Sin féar atá breoidhte
(nó "breodhuighthe" amannta) 'bhfeiceann tú an phúir atá as."
"Dhá bhfaghad sé a dhóthain gréine is beag a' baoghal a bheadh
air, breodhchan (nó breodhadh) mar sin." "Bhreodh sé chomh mór sin, a's nach
leagfadh aon-bhó ná aon-ghamhain smut air." "Marach go bhfuil
sé an-bhreoidhthe, ní ghlacfadh na beithidhigh col leis, a's
laghad an tomsacht atá ar a' talamh aca(b) anois." "Níl
aon-iongantas, ná nar bhreoidh an chruach sin as éadan,
a's chomh tais a's bhí sí, nuair a rinneadh í. Is beag nach
bhfáiscfeá í, bhí sí chomh fliuch sin." "Féar a' bith a
théithea(nn)s, is beag a' mhaith é. Bíonn sé breoidhte
'na dhiaidh, a's ní mian le tada drannadh leis."
"Is deacair féar a fhaghail imbliadhna gan a bheag nó a

mhór breodhchain. Ní raibh an bhliadhain cóireamhail le tada a shábháil."
"Tháinic sé in a dhórtadh an lá a raibh muid a' cur isteach
na cruaiche sin. Shíl mé go gcaithfinn í a chaith(eamh)
anuas, a's a leigean amach aríst i gceann dá lá. Ach
dheamhan téitheadh ná breodhadh a rinne sí, in a dheidh sin."
"Tá riascannaí dubha istigh i lár a choca, maran ro-
fhliuch a bhí an féar nuair a rinneadh é, a's ghur
bhreodh sé. Ach pé acu sin é, dheamhan a dhath loicht ag
na beithidhigh air." "Is deacair le arbhar breodhadh, má
fhaghann sé aimsear chóireamhail chor a' bith, ach (dh)ar ndóigh,
chaith cuid dhe, seachtmhain ar sraith imbliadhna." "Tá'n
coca chomh breoidhte, a's go bhfuil baladh as anois, ní
breoidhte atá sé chreidim, ach dearg-lobhtha." "Fuair sé
amladh (amlú) ar feadh seachtmhaine ar a' talamh a's bhí sé
breac-lobhtha ina dhiaidh. Annsin nuair a tháinic na
cupla lá breagh údaidh, thriomuigh sé, a's chuir sé i gcoca
é, ach má tá fhéin, tá sé breoidhte as éadan."
"Bhí sé tirm, nuair a rinne mé cocaí móinfhéir dhe,
ach tháinic faoi leis a' tuile a's bhreoidh an t-iochtar
ar fad." "Is furasta leis a' bhfear luibheannach sin,
breodhadh, mara bhfagha sé neart gréine. Shílfeá
go mbeadh sé tirm, a's thú dhá chuir i gcoca, ach
ní bhíonn a' sugh imthighthe as 'na dheidh sin." "Marach
a chinnireacht a fuair sé bhreodhfadh sé." "Níor mhór
d'fhéar giollacht thar cíonn imbliadhna, a's a bhfuair
sé d'amlughadh. Tá leath féir do thíre breodhuighthe
a's lobhtha a mhic ó." "Breodhuigheadh sé leis anois:
dheamhan neart aghainne. Tá muid sáruighthe dhá ghiollacht
a's é 'cínnt orainn ina dheidh sin. D'eile cé'n chaoi
a mbeadh sé ach breoidhte, a's an chaoi a bhí ar an
aimsir." "Níl aon-sop féir tirm a' gabhail liom
imbliadhna, nach bhfuil breoidhte, pé'r bith céard

d'eirigh dhó fharrus bliadhain a' bith."

Breoidhte = (ii) tinn; meath-thinn; tinn de bharr óil.

"'Teachtain ó'n gceol dom, a's mé breoidhte lag thuirseach ó'n oidhche'" "Tá mé breoidhte go leor." "Airighim breoidhte indiu, pé'r bith céard atá orm" "Níl sé breoidhte shílfeá (i.e. gasúr) a's in a dheidh sin, níl spleodar mór a' bith ann" = shílfeá nach tinn atá sé, ach má's seadh nó nach h-eadh, níl croidhe ná misneach aige. "Feicthear (dh)om go bhfuil mé buille breoidhte indiu, marab é an slaghdán atá a' teannadh liom. InDomhnach dheamhan fhios agam nach hé" "Is fada an lá meath-thinn é sin. Níl pian ná tinneas air, ach go bhfuil sé breoidhte in a dheidh sin." "Deir sé fhéin go bhfuil sé breoidhte, ach mise imbannaí gur beag a' bhreoiteacht a bheidheas air, má bhíonn aon-damhsa in aon-áit."

Briain óg (brighín?) = in m'óige, óg, meanmnach, aigeanta, aerach (Conamara a's an t-Achréidh)

"Nuair a chodail mé scathamh, bhí mé in mo bhrígh thin óg aríst" = bhí mé meanmnach, aigeanta, nó ar mo chóir fhéin aríst.
"Ní raibh tolgán a' bith agam, deich míle a shiubhal d'aistear mo chos, ach bhí mé in mo bhrígh thín óg a' t-am sin" = bhí an óige, an croidhe a's an mhisneach ionnam.
"InDomhnach, tá sí in a briain óg, ó chuir sí an fear."
"Nach hé atá in a bhrighthín óg againn, le go mbeadh sé ag coinneál chomhluadair le gearr-chaileadha" [cailiú — an foghar]
"Bhí sé in a bhrighthín óg, ó chuaidh an braon sa gcurraic aige."
"Ar a' dá luath, a's a mbeidh an dárna gloine ólta aige, beidh sé 'na bhrighthín óg."
"Is fadó an lá ó bhí sí sin in a bhrighthín óg."
"'Dar mo choinsias ó bheárr tú do ghruaig, tá tú sceinnte amach in do bhrighthín óg" [puis-bhean a thug an bearradh giortach ar a gruaig, le bheith sa bhfaisean]
"Tá mé in mo bhrighthín óg, aríst, ó tharraing mé na fiacla."
"Níl lá aois' a' teacht air. 'Sé 'tá ina bhrighthín óg i gcomhnuidhe."
"Is beag a' chraith a d'fhaghainnse sa dá leath-chéad a shíneadh, nuair a bhí mé in mo bhrighthín óg, mar thusa."
"Dhá mbeinnse in mo bhrighthín óg, arís, ní annseo a d'fhanfainn a' carruidheacht le breaclachaí. Ghreadfainn anonn go Meriocá nó go Sasana, a' saothrú dhom fhéin."
"Is agad atá an ceart, siamsa 'bhaint as a' saoghal chún's (= chomh uain's) fhéadfas tú, ní bheidh tú in do bhrighthín óg i gcomhnuidhe."
"Is beag a' baoghal gur istigh a' breathnú idir a' dá shúil ar chailleachaí, a bhínnse, nuair a bhí mé fhéin in mo bhrígh thín óg."
"Tá sé in a bhrighthín óg aríst ó phós sé." = ag (d)ul in aois na h-óige atá sé ó phós sé.
"Ól é seo ag (d)ul a chodladh duit, a's beidh tú in do bhrígh thín óg aríst ar eirighe dhuit ar maidin."

Briocán : (i) ainm duine — ainm coitcheannta go leor i Rosmuc, arae chuir an Naomh Briocán faoi annsin scathamh, a's tá díothugha a chille, a's roilic a muinigheadh uaidh ann i.e. Cill Bhriocáin.
(ii) briocán (= breacán): cineál éadaigh: plaid. [Ach is beag a bhío(nn)s sé sin i gceist anois].
(iii) 'san uimhir iolraidh briocáin = éadaigh, go h-áithrid sean-éadaigh, sean-stocaí a's mion-bhaill mar sin [mar seo is iondamhla i gceist é anois].

"Cá'il mo bhriocáin?" = cá'il mo chuid éadaigh? [go h-iondamhail éadaigh na strácála, ach ní h-eadh i gcomhnuidhe. Thárlóchadh gur éadaigh nuadha fhéin a bheadh igceist. Déarfadh duine é nuair a d'eireochadh sé ar maidin]. "'Bhfaca tú mo bhriocáin?" "Fágaighidh mo bhriocáin dhom go beo, nó beidh mé deireannach ar a' tsochraide." "Céard a rinne sib le mo chuid briocáin, nach bhfuil siad le fághail?" "Is measa a chuid briocáin a chuir faoi réir dhó, 'chuile Dhomhnach, ná dhá mbadh 'dul amach dhá phósadh a bheadh sé." "Scial (scéal) ar do bhriocáin ugad! Fághaigidh dhó iad, nó reicfe sé muid." "Is mór a' tseanmóir thú fhéin, a's do chuid briocáin 'chuile lá." "Caithfe mé na briocáin seo 'athrú, a's éadaighe tirme a chuir orm fhéin." Is dona na briocáin éadaighe atá air. Mea(s)ann tú 'bhfuil fuireann nuadh a' bith aige?" [féach fuireann]. "Sin briocáin mhaithe éadaighe fós, ach gan iad a mhilleadh le strácáil." "Tabhair aire do na briocáin sin anois. Is fada aríst go mbeidh mise indon aon-fhuireann nuadh a cheannacht dhuit." "Chuir tú an droch-bhail críochnuighthe ar do chuid briocáin. Shílfeá gurb iad a tharraingt thrídh línn mhúnlaighe a dhéan(f)aidhe." "InDomhnach is briocáin réasúnta fós iad. Bainfe mé seasamh eile asta(b)." "Ná mill mo bhriocán. Ní beag dhóib chomh dona a's tá siad, a's gan tusa dhá ndéanamh níos measa." "Ó b'annamh leis a' gcut srathar a bheith air, briocáin mhaithe a bheith air sin!" "M'anam muise má's ceannuidhe é, gur maith na briocáin éadaighe atá air."

"Cá'r eirigh na briocáin leis? Nó 'bhfuil sé a' brath ar a dhul 'san uaisle?" "Má tá aon-tsean-bhriocáin annsin thiar, tabhair do'n cheannuidhe iad a' chéad lá eile." "Buail baslach ar na sean-bhriocáin sin" [: stocaí: glaoidhtear go minic ar stocaí é]. "Ní fiú an sean-bhriocán sin a dheasú" (sean-léine). "Tá go leor sean-bhriocáin caithte annsin thuas. Níl aon-mhaith ionnta(b) ach iad a chaitheamh ag ceannuidhe. B'fhéidir go dtiubharfad sé cupla scáinne snátha dhuinn orra(b)." "Ní thiúbharfá do cheannuidhe na sean-bhriocáin a bhí air." "Níl na sean-bhriocáin fhéin agham le cuir orm anois. Is gearr go mbeadh mé is na briollachaí críochnuighthe." "Is maith iad na sean-bhriocáin fhéin mara mbí a n-athrú ag duine." "Níl aon-sean-bhriocán dhá gcuireadh ceannuidhe in a mhála, nach raibh caithte ann." "Dheamhan baoghal a' bith nach mbeadh briocáin de bhrabach orra(b) sa teach seo thuas, dhá dteightheá dhá n-iarra(idh) orra(b)." "Tá na sean-bhriocáin seo (stocaí) a' tuitim in a gceirteachaí anuas de mo chosa. Cá'ide go bhfagha sib péire nuadh dom." "Níl aon-sean-bhriocán faoi'n saoghal — léinteachaí, pluideogaí, stocaí, a's cabhaileannaí — nach aice atá. Shílfeá go mb'fhearr dhi iad siúd a thabhairt do cheannuidhe nó iad a chaithe(amh) amach, ná iad a' fhágáil annsiúd a' déanamh gráin du(ibh)." "Déanfa na sean-bhriocáin sin thú 'chuile lá, a's coinnigh an chuid nuaidh l'aghaidh an Domhna(igh)." "Dheamhan snáth istigh faoi chaolach a' tighe agham anois, ach bun-éadaighe, a's sean-bhriocáin. Beidh mé in mo seó' (= show), má chaithim a dhul i láthair na ndaoine" "Is mairg dhuit nach h-iad na sean-bhriocáin a d'fhága (tú) ort fhéin indiu, a's gan a dhul i gcleitheamhnas do chuid éadaigh Domhnaigh a mhilleadh." "Is maith dhi aice na sean-bhriocáin fhéin anois." "Cheannuigh sí na briocáin sin idteach eicínt inGaillimh ar bheagán. B'fhurast aithinte orra(b) go raibh siad réidh-chaithte, nuair a cheannuigh sí iad. Cuileáilte a bhí siad ag duine eicínt eile."

Briollach: briollachaí: [ainm-fhocal] aidiacht as = briollach.

[Ní baintear leas as an ainm-fhocal ach 'san uimhir iolraidh].

Briollachaí: sean-bhriocáin; droch-éadaighe; éadaighe salacha, liopastacha; feistiú a chuirfeadh cuma nó cosamhlacht mío-stuama, ghránna ar duine.

"Níl air ach sean-bhriollachaí." "Tá sé is na briollachaí."

"Cá bhfuair sé na briollachaí éadaighe atá air?"

"Tá tú in do chiomach ag na sean-bhriollachaí sin. Breagh go gcuir-eann tú ort fhéin chor a' bith iad?"

"Níl snáth air, ach sean-bhriollachaí, a's ciomachaí. Mara bhfagha sé culaith nuadh, go goirid, is gearr go mbí a chraiceann leis ar fad."

"Sé'n dá mhara 'chéile culaith nuadh, nó sean-bhriollachaí a fhaghail dó sin. Cuirfe sé a chaoi fhéin orra."

"Is mór a' t-iongnadh, go dtiocfadh sé i láthair comhluadair a' bith le na sean-bhriollachaí, stiallta, salacha atá air! Is mór a' ghráin iad!"

"Is fiú ór an gléas atá ort, le h-ais na sean-bhriollachaí atá ar mhac Sh. Sh. Ph. Is gearr (= geall) le ceannuidhe é (i.e. mangaire mála)."

"Shílfeá nach leigfeadh an náire dhá mháthair é 'leigean amach taobh le na sean-bhriollachaí údan atá air."

"Tá na sean-bhriollachaí sin aige l'aghaidh na strácála, a's an chulaith dhubh l'aghaidh an Domhnaigh."

"Bíonn an cailín sin cóirighthe lena feiceál ar a' Domhnach, ach dhá bhfeictheá na sean-bhriollachaí 'bhíonns uirre lá de'n tseachtmhain!"

"Déanfa na briollachaí fhéin cúis l'aghaidh na h-oibre seo."

"An ag iarraidh stiall a dheanamh de do chulaith nuaidh a bheitheá? Nach bhfuil na sean-bhriollachaí éadaigh 'bhí ort an tseachtmhain seo caithte sáthach maith l'aghaidh na strácála sin?"

"Bainfe tú scathamh eile as na briollachaí sin. Cá'il a' fear sa tír a mbeadh a leithidí aige a chuileálfad iad!"

"Tá sé as na briollachaí faoi (dh)eire!" = duine a gheobhfadh culaith nuadh, nó a n-eireochadh slam airgid leis, nó deis le dhul 'un cinn sa saoghal.

"Is fhearr na briollachaí éadaigh a d'fheicfeá ar cheannuidhe ná air."

Briollach: (aidiacht) ainm-fhocal amanntaí freisin. Gléasta go dona, mío-stuama, nó go giobalach; cuma fheannta

fhágta fheidheartha (fearacht circe a's na cleiteadhachaí tuithte dhe)

"Tá cuma an-bhriollach uirre." "Is briollach a' gléas atá air."

"Is briollach na gioblachaí éadaigh atá uirre."

"Nach mór a' t-iongnadh nach gcuirfeadh sé malrait éadaigh air fhéin, farra's

a bheith ag imtheacht chomh briollach a's tá sé."

"Ní thiubharfá aon-tsamhail di, ach bean ceannuidhe, a's chomh briollach

a's atá sí." "Ní mórán cuid súl í, ach ní bheadh sí baileach chomh

dona marach chomh briollach, brocach a's bhío(nn)s sí."

"Tá rud eicínt ar a' gcircín ruaidh sin, a's chomh briollach a's atá

sí ó tháinig a' bhliadhain" = na cleiteadhachaí sceithte aice, a's cuma

fheannta fhágtha uirre.

"Tá sí chomh briollach le cearc óil." "Fáisc do chuid éadaigh suas atá

fhéin, a's ná bíodh cosamhlacht chomh briollach sin ort."

"Shílfeá nach mbead sé chomh briollach a's atá sé, dhá mbeadh luach

éadaigh aige."

"Dhá bhfaghad sé culaith nuadh 'chuile seachtmhain, 'sé an cás céadna é,

bheadh sí briollach, stiallta aige."

"Ní raibh sé briollach ariamh go dtí anois! Nil tuinnte de'n éadach air."

"Tá sé taobh le caoirín bhriollach amháin anois."

"Cé'n tslighe atá agham, cé's moite de'n ghlaicín chearca bhriollacha sin,

a's ní móide go mbéarfaidís sin fhéin ubh ó sheachtmhain go seachtmhain

dom."

"Má's a' forcabhás ar na cearca briollacha sin, atá tú le uibheachaí

a bhreith, tá faitchíos orm, gur beag an éadáil a bheidheas aghad

dá mbárr." "Tá braon ann ó cheannuidhe eicínt, a's chomh briollach

stiallta, a's a bhío(nn)s sé Domhnach a's Dálach chomh maith le chéile." =

bhí ceannuidhe eicínt ar a shinnsir etc; is de bhunadhar ceannuidhe é.

"Tá sé in a bhriollach ag imtheacht" [féach briollachaí leath. 1] = cuma

fheidheartha fhágtha air. "Is mór a' t-iongnadh nach mbuailfeadh

sí baslach ar a cuid éadaighe, a's nach bhfuaghfadh sí iad, fharra's

a bheith in a briollach mar tá sí."

Briotais (ainm-fhocal — baininscneach — iolraidh — briotaisí, briotaiseachaí) = buadhanaigheacht, "luibh", easarlaigheacht, draoidheacht, cumhacht ar leith a thagas ó'n sluagh sidhe nó a mhacsamhail; "an tSeamair Mhuire".

"Tá briotais eicínt aige, le go dtáinic sé slán."
"Marach an bhriotais a bheith aige, ní fhéadfadh sé a mealladh."
"Tá briotais eicínt aige, le na cártaí, go bhfuil buadh imeartha aige i gcomhnuidhe."
"As 'luibheannaí' a fuair sé an bhriotais." = de bharr a bheith a' baint luibheanna a's a' baint feasa astu, a fuair sé an buadh atá aige.
"Tá buadh nó briotais eicínt aige, thar aon-duine dhá bhfaca mise in mo shaoghal ariamh."
"Faoi sceich eicínt a fuair sé an bhriotais, gur ghnothuigh sé a raibh ann." [Castar go minic le duine a mbíonn ádh imeartha air i gcártaí, go raibh sé "faoi sceich", a' faghail feasa ó na "daoine maithe", nó a' baint luibheann, a's gurbh amhla a d'eirigh buadh imeartha nó'n "bhriotais" leis].
"Tá briotais eicínt aige, le go n-eirigheann 'chuile obair leis a gcuireann sé a láimh innte."
"'S furast aithinte ort go bhfuair tú briotais in áit eicínt."
"Ní raibh buadhanuigheacht ná briotais ag aonduine ariamh nach bhfuil aige."
"Hébrí cé'n bhriotais a bhí aige chor a' bith, chuir sé faoi ndeara di é 'phósadh, agus sin é an lá a ndearna sí a creach."
"Tá briotais eicínt aige leis an imirt, go ngnothuigheann sé ar chuile dhuine."
"Má dhéanann briotais dhó é, marbhócha sé iasc."
"Le briotais 'imrighea(nn)s sé ar chuile dhuine" = le buadh eicínt atá aige a eirigheas leis 'chuile dhuine a mhilleadh, nó'n cluithche claonach imirt orra, nó doibeart a dheanamh orra.
"'Sé shean-athair — S. na luibheannaí — a mhúin an bhriotais dhó."
"Níl aon ghna(ithe) agad a dhul i nglacamas lámh leis siúd. Imreocha sé ort le teann briotaise."
"Ní le stuaim, ach le briotais a (gh)nío(nn)s sé tada."

Brísteachán = buachaill nó cailín caol tanuidhe a's cosa fada aige nó aice.

"Sé'n brísteachán fir nó mná é."
"Is diabhaltaidhe an brísteachán fir é, bail ó Dhia air."
"Is áidhbhéil a' brísteachán mná a rinne sí le goirid."
"Tá ceart ag a' mbrísteachán siúd a bheith láidir" = "is ceart do'n bhrísteachán siúd a bheith láidir."
"D'fhéadfá fuinneamh 'chuir ann, tá sé in a bhrísteachán chomh fada sin" = tá sé chomh leigthe, sínte sin, a's go bhféadfa cor casta a chuir ann, mar chuirfeá ingad, nó i sugán.
"Tá sé in a bhrísteachán le aoirde."
"Níl aon-mhaith dhuit a dhul a' dornáil leis a' mbrísteachán sin. Beir isteach air má fhéadann tú."
"Brísteachán 'fada, fuar, fala(mh) é'."
"Tá sé in a bhrísteachán le méid, ach d'fhéadfá é 'tharraingt thrídh chró snáthaide le tanuidheachan."
"Bhí brísteachán mór de bhádóir ann, a's shílfeá gur mó an bhrath a bhí aige mé 'ionnsuidhe"
"Níl aon-ghna(ithe) agad inglacamas lámh leis a' mbrísteachán sin, mar tá na lámha ro-fhada aige."
"Le goirid a rinne sé brísteachán chomh mór sin."
"Tá'n borradh faoi'n mbrísteachán sin, a's d'eireochadh dhó — beatha mhaith a's neart díomhaontais." [nt leathan]
"Má mhéaduigheann sé mórán eile, beidh sé in a bhristeachán críochnuighthe."
"Tá sé in a bhrísteachán mhór fhada, a's dhá spreangaide cos air, chomh caol le snáthaid."
"Is beag a' dochar dhó, 'bheith ina bhrísteachán fir, mar sin é mhaith a's a mhaoin."
"Is breagh an brísteachán mná í, slán a bheidheas sí."
"Má maireann méadú di, déanfa sí an-bhrísteachán mná."
"Tá a dhá dhíol aoirde ann cheana. Nach bhfuil sé in a bhrísteachán!"
"Is dalbuidhe an brísteachán fir é in 'aois. Má thagann mórán eile méid ann, beidh sé chomh mór le Goll Mac Móirne."

Brochán (= brachán) = deoch a déantar as uisce a's min-bhuidhe nó min-choirce. cineál leite.

"Lucht an bhrocháin" = leas ainm maslúthach ar dhaoine nar chleacht faice ariamh (nar chleacht ach brochán).
"Tá lucht an bhrocháin a' teacht anois"
"Ní de lucht a' bhrocháin mise chor a' bith, ní hé t'fhearacht féin é."
"Chleacht mise rud, ní hé sin do lucht an bhrocháin é!"
"Ní ar bhrochán a tóigeadh mise chor a' bith, ní hé sin duitse é, ná de do dhreám."
"Tá cead cainnte ag 'chuile dhreám, ach ag dreám a' bhrocháin."
"Níor ól aon-duine dhár bhain
liomsa ariamh brochán jumpers, ní hé sin duitse, ná de do
dhreám é."
"Céard 'tá tú 'rádh a ghiolla an bhrocháin?" = fear ólta an bhrocháin.
"Bíodh smideannaí beaga agad anois, a ghiolla an bhrocháin."
"Is leitheadaighe a labhra(nn)s lucht an bhrocháin ar a' saoghal seo, ná dream ar foghnamh."
"As a' mbrochán a fuinneadh a's a fáisceadh thú a chleiteacháin."
"Brochán jumpers an chéad bhiadh sa sliogán aige sin" = is ar bhrochán jumpers a tóigeadh é idtús a shaoghail.
"Bheadh ciall 'chuile dhuine 'bheith cainnt a's a' déanamh gaisce,
ach bruthtuinn bhradach a' bhrocháin" = níor mhilleán
ar aonduine a bheith 'déanamh gaisce, cé's moite de
ghrifisc bhradach a' bhrocháin (brochán jumpers nó a mhacsamhail
a bhíos i gceist annseo.)
"'Brochán ó 'réir é, a's is mairg nar téidheadh é'" = leath-fhocal, adeirtear le sean-scéal súgh-chaithte, bréag nar cuireadh aon-athrú uirre, nó sean-rud atá ar a' múnla céadna i gcomhnuidhe. (Tá sean-scéilín ann mar mhíniú ar a' leath-fhocal seo).
"'Sé'n brochán ó 'réir' é an cáca sin anois agad" = tá sé cruadh nó ro-fhada bruithte.
"'Sé'n brochán ó aréir' aca(b) anois é, bheith 'cainnt ar a' scéal sin."
"'Brochán ó aréir' é an mórtas sin anois" = beirt a bheadh i bhfad a' suirghe.

"Tá'n brochán doirtighe" = tá'n carthannas caithte; tá siad briste amach le 'chéile; tá achrann eatorra.

"Tá'n brochán dóirtighthe faoi (dh)eire, th'éis an fhad a's bhíodar mór le chéile." = beirt a bheadh a' suirghe, a's a dtiocfadh eatorra.

"Aindeoin gur thugadar láimh a's focal dá chéile, tá'n brochán dóirtighthe."

"Is fada dhá luadh iad, a's tá'n brochán dóirtighthe faoi dheire thiar." = is fada i gceist iad a bheith mór le chéile, ach tá siad briste amach faoi dheire.

"Bhí fhios agam go maith go raibh an brochán dóirtighthe, nuair nach 'bhfaca mé abhaile ó'n Aifreann iad abuil a chéile."

"Níor shíl mé go dtiocfadh sé sa saoghal go deo, go mbeadh an brochán dóirtighthe eatorra(b)."

"Tá'n brochán dóirtighthe faoi (dh)eire, th'éis a' t-achar a chaitheadar a' coinneál chomhluadair."

"Tá'n brochán dóirtighthe. Sin é i gcomhnuidhe, an chúirtéaracht fhada nó'n bhádóireacht chois teallaigh."

"Bhí fhios agam go maith gurab amhla 'bheadh sé as a dheire, an brochán a bheith dóirtighthe."

"Níl siad ro-gheal dhá chéile chor a' bith le fada, ach ní rabh fhios agam go raibh an brochán dóirtighthe ar fad."

"Is fada an lá an brochán dóirtighthe eatorra(b) sin."

"Má d'ionnsuigh sí mar sin é, tá'n brochán dóirtighthe."

"Ní raibh ceapadh 'bith fhéin agamsa, go raibh an brochán dóirtighthe, mar bhí siad chomh mór le chéile, le láir bhán a's coca féir."

"Is geárr ó bhí siad 'na dhá gcuid déag le chéile, a's má tá'n brochán dóirtighthe anois, níl fhios aghamsa cé'n scéal é."

"Níl sé bliadhain fós ó bhí sé 'na scéal mhór go rabhadar a' gabhail a' pósadh, a's is aisteach a' scéal é, má tá'n brochán dóirtighthe anois."

"Ní hé an brochán atá dóirtighthe amháin, ach tá siad in árrachaí 'chéile 'chuile ré soluis."

"Shílfeá nach mbeadh roínnt punann ná dornán eatorra, a's sé'n chaoi bhfuil siad anois, go bhfuil a' brochán dóirtighthe."

"Tá an saoghal in a bhrochán" = corrach, briste, clampar, cogadh a's catmara ar siubhal; na ríoghachtaí in árrachaí 'chéile.

"Is gearr gur in a bhrochán a bheidheas a' saoghal mara bhfuil ag Dia."

"Ach grásta Dé, déanfa siad brochán de'n tsaoghal le na gcuid coga."

"Tá'n saoghal breagh suaimneach anois le fada, ach níl cuid de na daoine sásta go bhfeice siad 'na bhrochán aríst é."

"Nar chomhnuighe siad, go ndeana siad brochán de'n tsaoghal aríst mar rinne siad cheana."

"Tá'n saoghal go mór ar forbhás le bliadhanta beaga anuas, a's tá faitchíos orm gur gearr go bhfeice tú na bhrochán aríst é."

"Sé'n coga céadna a d'fhága an saoghal ina bhrochán ceart críochnuighthe, sé sin."

"Níl a' dream sin sásta go bhfeice siad a' tír ina brochán aríst."

"Dhá dtugtaí cead a gcinn de'n dream sin, is gearr go mbeadh an tír in a brochán acab."

"'Sé bhfuil ó chuid de na daoine an saoghal 'fheiceál 'na bhrochán. Tá siad a' ceapadh go n-árdócha beithidhigh."

"Dheamhan ar mhiste le cuid de na daoine, an saoghal a bheith ina bhrochán ar maidin, dhá n-árduigheadh eallach."

"'Chuile shórt, ach gan a' saoghal a bheith 'na bhrochán mar bhí sé cheana."

"In a bhrochán a bheidheas sé — ní hé 'mhalrait de cosamhlacht atá ar a' saoghal."

"Tá'n aimsir ina brochán anois" = í an-bhriste; ceann-faoi uirre ar fad." "'Bhfaca tú aon-bhrochán d'uair ariamh mar í." "Tá'n lá ina bhrochán anois."

"Má mhaireann do'n uair seo, beidh 'chuile shórt in a bhrochán" = gheobha chuile shórt amlughadh, a's beidh siad millte.

"Bhí an teach in a bhrochán le bruighin a's achrann."

Brobhais = sop, nó salachar i bhfataí nó ingort (Achréidh).

"Tá'n cur faoi bhrobhais fré chéile" (ní brob, bruibh é).
"Tá mé meathta ag an ngort-ghlanadh imbliadhna, le na 'bhfuil de bhrobhais sa gcur agam."
"Sé'n cur óg is measa le sponnc a's brobhais a's broimfhéar."
"Ní bheidh mé as (gort) amach imbliadhna, mar tá sé ithte le brobhais a's salachar."
"Is beag a bheidheas agam de bharr an ghuirt sin, le na bhfuil de bhrobhais ann."
"Níl fata de bhláth bliadhna agam, ach brobhais a's sop."
"Chuirfidís (fataí) cantal ort, mar tá siad lán brobhais ó sháil go rinn."
"Tá'n tabhairt sa talamh ceart go leor, ach is tabhairt brobhaise é" (duine adubhairt le fonóid faoi thalamh a bhí fear eile a mholadh).

Brogús: duine dúnárusach, dorcha, daoitheamhail, aisteach; "púca"; búrla de dhuine.
[iolraidh brogúis, brogúsachaí]

"Is furasta stuaic a chuir ar a' mbrogús sin."
"Cé'n sórt brogús de dhuine thú féin, nach labhr(óchth)á le duine, nuair a chas(f)aidhe ort é."
"Brogús bradach gan mórán sása(imh) é P. Mh."
"Bhainfeá ceart eicínt dhe fhéin, marach a' brogús de bhean atá aige."
"Chuaidh mé go dtí giall a' doruis, ach nuair a chonnaic mé an brogús sin thiar istigh, d'fhill mé ar mo sháil aríst."
"Níl aon-duine faoi'n mbogha bán is luathadh (= lughar) liom ná'n ceann céadna. Tá sé 'na bhrogús chríochnuighthe."
"Bhí duine de bhrogúis Chonamara istigh, a's ní dhearna mé aon-mhoill."
"Níl aon-bhaile brogús faoi bhéal an aeir, is mó ná'n baile sin.
Brogús 'chuile dhuine dhá bhfuil istigh ar 'fhuaid."
"Chuir mé aighneas ar a' mbrogús, ach ní dhearna sé an oiread a's beannú dhom."
"Sin é an chaoi ar chéas mise an lá, idteannta na mbrogúis sin thiar i nG. Ch."
"Níl gna(ithe) ag aon duine 'seadh ná ní h-eadh' a rádh le na brogúis sin, mar níl acmhúinn grínn a' bith aca(b)."
"Ní dhéanaim fhéin níos aoirde ná beannú dhó, mar ní bheadh fhios agad, céard déarfá leis a' mbrogús."
"Brogús bhradach dhorcha í sin, a's í chomh h-íogmhar annsin, má's fíor di fhéin."
"Bhuail an brogús pus air fhéin, ar a' toirt, á's b'éigin do Chóilín, an bharamhlacht a chaith(eamh) thairis."
"Ná bac le greann, 'san áit a bhfuil na brogúis sin. Níl fhios aca(b) céard é." "Bhí dhá bhrogús de dhá 'Ghaedhilgeoir' annseo, an bhliadhain cheana, a's ní fhéadfá breathnú cam orra(b) nach n-ionnsochaidís thú."
"Ní beag de'n bhrogús sin, chomh dona a's 'tá sé cheana, a's gan tusa a bheith dhá shagdadh tuille."

Broím (bruím?) = (i) gaoth thríd an gcolainn. (ii) a' gabhail ingeallta;
a' gabhail le cuthach; faoi olc mór; meargántacht.
(ii) "Bhí an fear le bruím" = bhí sé gabhail ingeallta; le cuthach.
"Chaith sé an lá le bruím" = bhí cuthach air ar feadh an lae.
"Bhí sé le bruím a mhic ó mo chroidhe faoi nach gcoinneochainn
na bainbh uaidh"
"Mhaithfeá do Dhia gan a bheith a' breathnú ar Mh. P. Bh. le
bruím, th'éis am' dinnéir indé, in áit a dtáinic bó le
Tom Sh. i mbradghail ar a cuid."
"Bhí an capall a' gabhail le bruím, nuair a chonnaic sí
an traen."
"Ar ín ar éigin a cheannsuigh muid a' bromach chor a' bith,
an chéad lá 'bhfaca sí an 'steam-roller'."
"Bhí an t-asal a' gabhail le bruím ar a' mbóthar
indiu, mar ghlac sé scáth leis a' mbus."
"Tá Seumas le bruím ó mhaidin d'uireasba tobac."
"Sin é an droch-éadáil nuair a bhío(nn)s sé le broím."
= "ní áirge mhór a' bith é, a's é le broím."
"Siúd é 'ná bain liom' a's é le bruím."
"Shílfeá nar mhór dhó ughdar ní b'fhearr ná sin le 'na
chur le broím."
"Is éasca léithe a dhul le bruím, má baintear geite 'bith aiste."
= (capall).
"Spréach sé, a's chuaidh sé le bruím ar a' bpuínnte" = bhuail cuthach é.
[ní cloistear é ach amháin le "le" – "le bruim".]

Ag broimseáil, broimseálacht = a' gabhail le bruím; a' gabhail ingeallta
a' gabhail (ch)un meargántachta nó le cuthach.

"Thosuigh an capall a' broimseáil, a's ag iarraidh rith."
"Bhí sé a' bruimseálacht a's ag iarraidh achrainn i muinghnín
a chruite i gcaith(eamh) na h-oidhche."
"Is furasta leis a' gcapall sin ag Stiophán tosuigh a'
broimseálacht a's scáth a ghlacadh."
"Dhá gcaithteá an fhad eile a' broimseáil anois, sé'n mhaith
amháin duit é. Níl aon-airgead le faghail aghad."

"Leig de do chuid broimseálacht' anois ar mhaith leat fhéin."

"Chaith sé an oidhche a' broimseálacht, a's a' lonnú achrainn."

"Níl aon-cheo indon an bhroimseálacht sin a bhaint aiste (i.e. as capall) ach neart oibre."

"Bhuail muid dual na druinne uirre, a's bhí sí 'bruimseáil in a dheidh sin."

"Rinne sí staic in ucht an aoird, a's thosuigh sí a' bruimsealacht a's a' gabhail indiaidh a cúil" (capall faoi charr).

"Má mhaireann di ar a' mbroimseálacht sin, caithfe sé í 'dhíol aríst."

"Beidh sé ar a' mbroimseálacht sin, go ngortuighthear é as a dheire."

"Cé'n t-ughdar broimseála 'tá 'nois aige."

"Ní dhrannfadh sé le na bhéilidhe le teann broimseálachta."

"Má bhuaileann fonn broimseála é, ní bhainfe tú cóir ná ceart dhe."

"Chaith sé fada go leor a' broimseálacht. Ná raibh Dia leis anois, mara bhfuil sé ceannsuighthe!"

"Má theang(mh)uigheann a' fuisce leis siúd, tiocfa sé ar bhroimseálacht."

"Sé'n broimseáluidhe é 'mhic ó mo chroidhe. Shílfeá gur mó dhá fhonn a bhí air bruicneáil bhuailte a thabhairt dhá raibh 'sa teach, faoi nach bhfuigheadh sé cead imtheacht'."

"Deir tú leis, a thosuigh a' broimseálacht as comhair a' tighe!"

"Cuirfe mise ó bhroimseálacht é, sin, ach a' sroiche mé chomh fada leis."

"Tá'n droch-éisc istigh. Marach go bhfuil, ní bheadh sé a' broimseálacht mar sin, go h-acht a's go h-áithrid."

"D'ionnsuigh an capall a' broimseálacht, a's d'ionnsuigh bean a' tinncéara a' gabhailt uirre, chomh maith in Éirinn a's bhí sí indon, a's dheamhan a bhfaca tú a leithide de phíosa ariamh a's bhí ann."

"Deirimse broimseálacht leat, ach siúd í an broimseáluidhe. Níl forus ná suaimneas ag aon-duine atá in a h-aice."

Bromóg (= bramóg) = (i) breac carraige idir a bheith ina bhláthan a's in a bhallach; leath-bhallach.

"Bhuail bromóg mé, ar a' gcéad urchar in Éirinn a chaith mé."
"Mharbhuigh mé cupla bromóg, a's leath-bhláthainín (= bhalláinín)
"Ní raibh aon-mharbhú ar bhromógaí ná ar bhallachaí imbliadhna."
"Sé'r eirigh liom de'n rath, an leath-bhromóig sin."
"Mharbuigh mé cupla bromóg ar charraig Bhéal Trágha, ach dheamhan de théagar ionnta(b)."
"Níl aon-chall casaoide dhuit, ó mharbhuigh tú na cupla bromóg sin fhéin, ach feacha mise 'bhfuil mo lá caithte agam, a's nar eirigh 'shúil liom, ach a theacht abhaile aríst a's mo dhá láimh chomh fada le chéile."
"Bhí an lá ro-gheal, a's ní raibh bualadh 'bith ar bhromógaí ná ar bhláthain."
"Leigfe an cut isteach mé, ó thárla gur eirigh an bhromóg sin fhéin liom" = "tá cuid a' chuit sa mbromóig sin féin [deir iascairí nach leigfe an cut isteach abhaile iad, mara mbí breac eicínt aca].

(ii) Tugtar bromóg ar chailín reamhar téagarthach amanntaí
"Nach hí an bhromóg (an bromóigín) mná í."
"Is deas, cuimseardha an bhromóg í." (féach bromaire).

Brothtuinn (bruthtuinn) = grifisc; paicle bhrocach gan mhaith; díomh na ndaoine; droch-chineál daoine; cine meathta; "claimhe" daoine, nó aos óg.

"Ó'n mbrothtuinn bhradach sin thíos a tholg tú an eitinn."
"Fan amach ó bhrothtuinn bhradach na mbréag."
"Is deas iad do chomhluadar — brothtuinn shalach na boichteanachta."
"As a' mboichteanacht a fuinneadh a's a fáisceadh a' bhrothtuinn sin, fré chéile."
"Is deas a' dream ar bhuail tú bleid orra(b), brothtuinn bhradach na míol."
= is deas an dream a thogh tú mar chomhluadar [nó a ndeacha tú a' suirghe le duine aca(b)].
"Pléidhfe an bhrothtuinn sin leat é, feicfe tú fhéin. Mar sin eirigh asta(b) in am."
"Ní feasach mé beo, cé'n chaoi 'bhfuil sé chomh múinte a's tá sé, a's gur tóigeadh é istigh i gceartlár na brothtuinne sin."
"Bhí brothtuinn bhrocach sin na Gaillimhe uiliog ar a' mbainis ann, a's chuir siad an áit faoi na gcosa. Diabhal aithne orra(b) nach daoine ar foghnamh iad, le na bhfuil de ghaisce a's de chóirí catha aca(b)."
"Má thug tú t'eang leat ó'n mbrothtuinn chaca sin, bí buidheach. Níor leig siad sin a shlainte le aonduine ariamh, a mhic ó, nó ba cinneamhaint orra(b) é."
"Tá an oiread floscaí ag a' mbrothtuinn sin, a's a bheadh ag duine ar foghna(mh)." "Nach air, a bhí lom a' mhíádha mhóir, a' chéad lá ariamh, a ndeacha sé (= ar phós sé) isteach (ch)uig a' mbrothtuinn atá annsin."
"Mara mbeadh aithne a's eolus agad ar a' mbrothtuinn sin, chuirfidís siar in do bhéal gur togha cineál daoine iad fhéin, a's gan é sa tír níos measa."
"Tá brothtuinn óg ar a' mbaile seo thiar anois, a's ní bheidh sé in araidheacht ag aonduine an bóthar a siubhail, ach a neartuighe siad."
"Sin iad fhéin an bhrothtuinn dhíomhaoineach, a's an bhrothtuinn gan rath."
"Ní fhaca sé aon-lá dhá leas, ariamh, ó thosuigh sé ag (d)ul in éindigh leis a' mbrothtuinn sin, hébrí (= pér bith) céard a bhain dó chor a' bith."
"Má fhaghann an bhrothtuinn atá sa teach siúd, aon-leigean ar a cuid airgid, is gearr a bheidheas siad a' cur caith(eamh) ann."
"A bhrothtuinn an ocrais, is teinne labhróchadh sib, nó an té 'chleacht fuighleach!"

Bruach = ainm-fhocal, firinscneach. tuiseal gein. uathaidh = bruaigh, bruaich.
uimhir iolraidh = bruachannaí.
Bruach = (1) ciumhais, colbh, leiceann amuigh, éadan, taobh, bord, crioslach.
(2) árdú; reang; atthadh; dromainn; dronn; cruit.
(3) ionann's; beagnach, imbéal; ar ghort a' bhaile; ar na puinntí
(4) olc; musán; bruas; stainnc; stuaic; muisiam.

(1) "Bruach an phortaigh, an bhóthair, na h-abhann, na locha, na
fairrge, lócháin, an bhuird, an bhéil, na carraige, na trágha,
na h-uaighe etc.
"Tá bruach thiar a' phortaigh scraithte aige." "Caithfe tú é (i.e.
an bínnse móna) a shioscadh le bruach." "Ní bhaineann sé an
fód bruach chor a' bith." = fágann sé an fód atá istigh le
bruach in a sheasamh. "Tá go leor feamuinne ar bruach
indiu." "a' cur fheamuinne ar bruach a bhí mé ó mhaidin."
"Ceal nach bhfuil sí ar bruach aghad fós? (an fheamuinn).
"Cuir a' scaipeadhach fheamuinne sin ar bruach, shul dhá
bhéarfas an tuile uirre." "Tá an-bhrachlainn fheamuinn-
e ar bruach ó mhaidin aige." "Bhí sé breagh go leor
aige-san a bhí ar bruach, ach ní raibh sé chomh breagh
sin ag a' té a mb'éigin dó a dhul go muineál i
bhfairrge" = bhí an té a bhí ar bruach tirm. "Is
mairg dhuit nar fhan ar bruach, a's gan a dhul sa túnáiste
sin le feamuinn." "Tá sé sin chomh teoluidhe ar fhéin le
cut. Muise 'mbannuidhe, nár chorruigh sé de'n bhruach."
"Chuir sé snáth (feamuinne) uileag go léireach aníos ar
bruach." "Fan ó bhruach na taoille anois" = "fan ó bhéal
na tuinne." "Chonnaic mé toirt eicínt a' snámh
ar bhruach na taoille, a's shíl mé gur barrille a bhí ann."
"Fan ar bhruach a' bhóthair." "Thug sé (an gluaisteán) cor
a's chuaidh sé isteach ar bhruach a' bhóthair d'aon-iarraidh"
[Bruach an bhóthair = colbh an bhóthair in aice leis an móinín
bán]. "Níor mhór d'fhear 'bicycle' imtheacht igcomhnuidhe

ar bhruach a' bhóthair, arae, is mór a' chontabhairt iad na 'motors' sin." "Tá ísleáin imbruach a' bhóthair, a's cothuigheann a' t-uisce ionnta(b) igcomhnuidhe." "Thug Dia dhó gur ar bhruach a' bhóthair a sciorr sé, arae dhá n-eirigheadh leis a bheith i lár a' bhóthair, bhí a chosa nighte. Mharbhóchadh an 'motor' é." "Shílfeá gur fada fairsing atá an tír agaibh fharra's a dhul a' bualadh cead ar bhruach a' bhóthair." "Tá'n mhóin in a cora ar an mbruach fós gan scaradh." "Tá únnlach (= ionnlach) maith aice ar bruach, ach ní thriomóchadh a' saoghal í sa lag-pholl." "Féadfa mé dhá bharr a chuir ar bruach, a's an barr-íochtar sa lag-pholl." "Is maith fada amach ar bruach, nach mór dhuit a dhul leis a' mbarr uachtair, má's leat trí bairr a chuir air." "Tá'n bruach thoir amuigh againn, ach tá faitchíos orm, go gcaithfe an bruach thiar fanacht ar a' bhfaraor géar. Má chaitheann sé deoir a' bith báistighe, ní bheidh an casán in araidheacht é 'shiubhal, ag a' duine fhéin, ní áirmighim ag asal."
"Tá'n bruach beárnuighthe ar fad ag brisí portaigh"
= áiteachaí a mbriseann a' bruach a's a dtuiteann sé in a bhuidheagrachaí síos sa lag-pholl.
"Is gearr go mbí an bruach ídighte" = an mhóin ar fad bainte air, nó é caithte. "Bhí cloch sa mbruach, a's fhobair dhi an sleághan a bhriseadh orm." D'imthigh leis suas le bruach (na habhann)." "Shiubhal sé síos le bruach." "Shiubhal mé bruach na locha uileag, a's má shiubhail fhéin, sin é a raibh dhá bharr agham." "Tá go leor bruachannaí beaga ann."
"Bhris bruach beag faoi, a's cuireadh amach indiaidh a mhullaigh é" = mar bheadh tulchán nó tortáinín beag.
"Tá'n áit faoi bhruachannaí as éadan." "Airighim bruach mo bhéil tinn." "D'eirigh gearradh beag do bhruach mo

bhéil." "Tá cnap mór ar bhruach a coise — annsin slán a' tsamhail."

"Tá sé ar bhruach na h-uaighe — leath-chois leis istigh, a's leath-chois leis amuigh innte." "Dhá mbeadh sé sin ar bhruach na h-uaighe, sin í an cheird a bheadh air." "Má tá sé ar bhruach na h-uaighe fhéin, tá sé in am sin aige. Is iomdha oidhche a's lá ó dubhradh go mbadh gasúr é." "Chuir an slaghdán malluighthe céadna go bruach na h-uaighe mé." "Bhí mé go bruach na h-uaighe aige (tinneas), a's míle buidheachas le Dia shrian mé as ina dheidh sin." "Chuir a' gortú sin go bruach na h-uaighe é." "Ara a dhearbhráthair mo chroidhe, ná samhluigh obair dhomsa, go ceann míosa fós! Nach raibh mé ar bhruach na h-uaighe go dtí seachtmhain ó shoin!" "Is fada an duine bocht a' crochadóireacht leis ar bhruach na h-uaighe, ach 'sé mo mheas gur gearr an bás anois uaidh ar aon-chor." "Má thagann árdú eile air, mar tháinic aréir, dheamhan a chos nach mbeidh ar bhruach na h-uaighe." "Is fada a' meathluigheacht é, ach ní raibh sé ar bhruach na h-uaighe, ceart críochnuighthe go dtí anois." "Tá an oiread uathbháis oibre air siúd, a's go n-ionntóchad sé an sean-duine a bheadh ar bhruach na h-uaighe, trí h-uaire sa leaba, 'bhfeiceadh sé a mbeadh sé indon buille 'bith a dhéanamh." "Má tá sé ar bhruach na h-uaighe, is maith griodánta an glór atá aige fós. Chuala mé aniar as a' seomra indé é, a' fuagairt orra(b) na claidhtheachaí imbarr a' bhaile a bhiorrú a bhí sé. Sin é an buachaill a bhfuil an saoghal a' déanamh an imnidhe dhó fós!" "Is deas a' táirm atá oraíbh, a's an sean-fhear seo thiar, ar bhruach na h-uaighe." "Ná bac le 'go dona'. Marach go bhfuil sé ar bhruach na h-uaighe, ní fhailleochadh sé in a ghnaithí anocht. Baoghal ar siúd rud is lugha ná bainis a leigean thairis!"

"Tá sé ingreim sa dá bhruach" = tá sé a' tabhairt 'chaon taobh leis. = tá sé in a Pháidin eatorra = is leiciméara nó sliomadóir é = tá sé síos a's suas le chuile dhuine.

"Beidh sé sin ingreim sa dá bhruach, má fhéadann sé é." "Sin é 'chuid leiciméaracht sin igcomhnuidhe — a bheith ingreim sa dá bhruach." "Marar athruigh sé, beidh greim aige ar a' dá bhruach — liomsa a's leatsa, a's liomsa aríst — sin é an chaoi 'bhfuil sé sin." "Ní mórán tuilleamuidhe a bheadh agam as sin. Coinneocha sé greim ar a' dá bhruach, má fhéadann sé." "D'imreochad sí sin ort as comhair do dhá shúl. 'Bhfeiceann tú an úmluigheacht (iomluigheacht) atá uirre anois? Oidhche in éindigh le Seán, a's oidhche eile le Máirtín ingan-fhios dó. Is beag dhá cuid aisiléaracht é, greim a choinneál ar a' dá bhruach."

"Shíl sé greim a choinneál ar a' dá bhruach, ach in a leaba sin, sé'n chaoi a raibh sé, nach raibh bruach a' bith aige faoi dheire."

"Tá'n ghloine lán go bruach" = "tá'n ghloine lán go buinne bruach." "Tá'n chlaise srotha lán suas go bruach."

"'Sí'n tSionainn Mhór a chuaidh eadrainn a bhí líonta suas go bruach'" [líne as "Mná Deasa Locha Riach"].

"Tá'n abhainn a' cur thar bruach anois" = "tá sí a' cur thar maoil le uisce" = "tá sí a' sceitheadh." "Bhí an bairille a' cur thar bruach ar maidin indiu. Chaithfead sé gur h-áidhbhéil a' lear uisce a chaith sé aréir."

"Dheamhan goir aghad aon-fhód a bhaint sa bportach siúd, go leige tú an t-uisce as. Tá sé a' cur thar bruach."

"Bíonn an easca sin bun-tirm go maith sa samhradh. Well bheadh sí in araidheacht í 'shiubhal. Ach sa ngeimhreadh, ní shiubhailfeadh an fiadh í. Bíonn na fiodáin atá innte, a' cur thar bruach." [féach fiodáin].

"Tá'n tobar a' cuir thar bruach anois, ach dar ndoigh ní iongantas é, a's a' t-uisce atá caithte aige, le seachtmhain."

"Bhí an chlaise lán go bruach le fataí." "Tá drad-líonadh maith ar a' mbairille, ach ní baileach go bhfuil sé lán go bruach." "Ná líon a' cupán go bruach, mar is maith liom braon maith bainne a chuir ar a' tae." "Nach tú an laisceach, nach gcuimne(ochth)á céard a bheitheá a dhéanamh? Dubhairt mé céad uair cheana leat, gan na cupáin sin a chur thar bruach" = iad a chuir thar maoil le tae. "Bhí sé 'scárdadh fuisce sa 'jug', gur chuir sé thar bruach é." "Bhí bosca an cháirr suas go maith thar bruach aige, le turnapaí. Shíl mé nach raibh an oiread sin aige dhíob." "Ná cuir thar bruach a' muigín sin. Cé'n mhaith a bheith dhá chuir amú." "Tá claise Gharrdha an Chladaigh a' cur thar bruach. Tá mé 'ceapadh gurab é an cúl tsruth a's súighteán a' rabharta, is cionntaighe leis. Is beag a' mhaith a bheith leis a' gclaise chéadna, go ndeantar tóchar ceart amach ar a' dúirling." "Is beag a' t-iongnadh má tá an chlaise céadna thar bruach. Nach uirre atá uisce an dá bhaile a' teacht." "M'anam muise má tá claise an tsrotha a' cuir thar bruach indiu, go mbeidh an garrdha fré chéile báithte ambáireach, a's na fataí ó mhaith." "Bíonn a' chlaise mhór sin thar bruach i gcomhnuidhe sa ngeimhreadh, mar is orra atá 'bhfuil d'uisce ó bhrollach a' chriathraigh anuas a' teacht." "Cuireann a' lochán sin thar bruach i gcomhnuidhe le tuile mhóir, a's sceitheann a' bóthar. Thiocfá go glúine sa lag sin, sa ngeimhreadh." "Tá'n t-uisce bruach ar bhruach leis a' mbóthar ann" = "tá'n t-uisce cab ar chab, nó bord ar bhord leis a' mbóthar ann." "Tá'n tobar bruach ar bhruach le na bheith líonta." "Shín sé gloine mhór chugam a bhí bruach ar bhruach le na bheith lán." "Is gearr go mbí an tuile bruach ar bhruach le colbh a' bhóthair annsiúd." "B'áidhbhéil a' taoille a bhí anocht ann. Bhí sí bruach ar bhruach le barr na dúirlinge." "Nuair a bheadh taoille mhór rabharta ann, bheadh sí bruach ar bhruach le

le cloich mhóir a' charracáin, a's bheadh chloch a' Mhioscáin faoi ar fad." "Bhí 'na meaingeails' bruach ar bhruach le stuaicín na 'cribeach'." "Tá'n carnán cloch, bruach ar bhruach le barr a' chlaidhe anois. Cuirfe an cárnán siúd clocha briste go M." "Líon a' portach aníos bruach ar bhruach leis a' darna barr." "Nach diabhaltaidhe an tuile a bhí thíos i gCill Dara, an geimhreadh seo (chuai)dh thart. Dubhairt ceannachthóir ar an aonach liom, gur líon sí isteach sa teach aige, a's go raibh sí bruach ar bhruach le posta na leapthan, sa seomra a bhí le talamh. Déanann sí míonós igcomhnuidhe 'sna taltaí íseala sin." "Cuímnighim fhéin ar bhliadhain, ach sí mo ghéar-chuimne í — is fadó an lá é. Chaith sé tuile bháistighe ar rabharta mór na Féile Brighde, a's bhí sruth na h-abhann annsin thoir bruach ar bhruach le áirse an droichid. Shíl 'chuile dhuine go scuabfad sí an droichead, agus scuabfadh freisin, dhá mbeadh indan's go gcaithfead sé í ar neart a' rabharta. Ach d'eirigh Dia leis a' tuile, nach dtáinic sí go raibh an rabharta ag imtheacht." "Tá'n lag siúd anois, bruach ar bhruach leis an áirdín aige. Chaithfead sé, nach bhfuil fhios, cé na clocha a chuir sé ann le na líonadh." "Bhí sí luchtuighte aige bruach ar bhruach leis a' tslat buird. Ba mhór liom fhéin faoi dheire a raibh sé a chuir innte, arae bhí sé bun-gharbh, a's clag-fhairrge ar ghob an Bhranntra. Ach dheamhan maith a bhí dhom ann. 'Is mór a' lá a bheidheas ann' adeir sé 'nó beidh mise indon fairrge a mharuidheacht'. Is beag a' stró(bh) a bhí air." "Chuala mé m'athair a' rádh go raibh siad ag iascach lá annsin amuigh ar a' meath mhóir, a's go raibh colmóirí aca(b) tráthnóna bruach ar bhruach leis a' seas deire — bád iomartha bhí aca(b). Nach diabhluidhe an cúl a thug a' t-iasc do'n chaoláire ó shoin? Dheamhan a shúil — mórán leis — a gheobhfá anois ann."

"Tá sé bruach ar bhruach le T. Mh. anois." = tá sé ionann's chomh

deiseamhail, nó chomh saidhbhir nó chomh maith leis. "InDomhnach bhí sé sáthach bocht scathamh. Ní raibh bonn bán air. Nach mb'éigean dó, cuid dhá chuid talmhana a 'dhíol? Ach dar fiadh, tá sé bruach ar bhruach leis a' té is fhearr ar a' mbaile anois. Ach ní mór linn dó — an fear croidhe. 'Is fhearr eirghe as ná tuitim ann' adeir siad." "Is gearr go mbí an mac bruach ar bhruach leis an athair." = is gearr go mbí sé chomh mór nó chomh láidir. "Tá sé bruach ar bhruach le na báireoirí is fhearr sa gconndae anois." "Má mhaireann dó, is gearr go mbí sé bruach ar bhruach leis a' gcuid is fhearr aca(b)" = is gearr go mbí sé chomh láidir leis a' gcuid is fhearr aca(b), má thagann ann, amach annseo, mar tháinic cheana.

"A' leagan bruachannaí atá sé ar an aimsir seo" = [in áiteacha nach dtreabhtar a' talamh, a's a mbíonn sé in iomrachaí, cuirtear leiceann na h-iomaire luirg nó ithreach ar chaon taobh isteach sa gclaise le láighe, a's fágthar caolóid nó lorga caol aon-spreab ina seasamh ar feadh croidhe na h-iomaire. "Leagan bruachannaí" nó "múchadh na talmhana" tugtar ar an obair sin. Faoi chomhair coirce a leagtar bruachannaí. 'Sa ngeimhreadh nó idtús an earraigh a déantar é, i riocht's go mbeadh fáill ag a' sioc, an ithir támáilte a bhrioscú. 'San Earrach nuair a bhítear a' cur a' choirce spréidhtear an chaolóid isteach ar a' gclaise]. "Ar leag tú an bruachannaí fós?" "Dheamhan bruach, ná cuid de bhruach a leag mé fós imbliadhna." "Caithfe mé lá a thabhairt dhó a' leagan bruachannaí." "Níl obair a' bith is fusa ná bruachannaí a leagan." "Ní lá maith a' leagan bruachannaí é an lá indiu. Tá'n chreafóg ro-thámáilte, th'éis na báistighe." "Tá sé thar am na bruachannaí a leagan. Ná bac le duine a' bith nach mbeidh siad leagtha aige roimh an sioc." "Sin é an stócach cruadh fáiscthe. Chonnaic mé thíos annsin é, an lá faoi dheire in éindigh len' athair a' leagan bruachannaí, a's inDomhnach, leag sé bruach

ar a' mbruach leis." "Níl sé éasca chor a' bith na bruachannaí a leagan ann in áiteachaí. Tá bráideannaí fliucha ann, a's sé díol a' diabhail iad, le deacracht" [féach "bráideannaí"] "Cá'ide go dteighe tú a' leagan bruachannaí, faoi na bheith slán duit?" "Níor leag sé aon-bhruach, go raibh sé a' cuir a' choirce, a's bhí 'shliocht air, bhí an ithir ar fad in a carcaireachaí roighne." "Is olc a' fear é a' leagan bruachannaí. Cuireann sé an bruach isteach ar a' gclaise ceart go leor, ach ní mhínigheann sé na spreabannaí chor a' bith. Is cuma leis é, ach rith air, chomh maoilscríobach a's fhéadfas sé." "D'aithin mé go maith ar a' ngarrdha sin imbliadhna, nuair a bhí tú a' leagan na mbruachannaí ann, go mb'ait a' dóigh coirce a dhéanfadh sé." "Ní fhéadfainn aon-bhruach a leagan faoi chladach fós. Tá na clascannaí lán le uisce suas go bruach, a's má theighim a' leagan bruachannaí ann, cothócha an t-uisce in íochtar." "'Sé'n chaoi ar chuir sé an coirce indiu, é 'spréidheadh amach as na h-iomruchaí a's gan bruach a' bith a' leagan. Dheamhan fhios agham narb é an cás céadna dhó é, a's an bhail a bhí ar an talamh ithreach (= luirg) aige." "Ní leagfa mé bruach a' bith ar na crúbáin fhliucha sin thíos le claise an tsrotha. Spréidhfe mé amach iad, mar tá siad." "Ní fhéadfá sáthadh de láighe a chuir imbruach anois, tá'n chreafóg chomh fliuch sin." "Fág na bruachannaí mar sin, go bhfagha tú aimsir chóireamhail. B'fhearr dhuit a dhul a' cur amach fheamuinne indiu." "Nuair a leagann siad sin na bruachannaí leagann siad an iomaire as éadan: ní fhágann siad caolóid a' bith 'na ndiaidh. Is fusa an ithir a spréidheadh mar sin, má's fíor dóib fhéin."

"Tá bruach amach ar a shúil." = cineál cnapáin nó at amach in íochtar nó uachtar na súile. "Ní fhaca tú ariamh é gan bruach a bheith ar a shúil." "Tháinic go leor uisce ó na súile idtosach. Bhídís a' rith igcomhnuidhe. Annsin, tháinic bruach-annaí orra(b), a's d'eirigh siad an-tinn." "Caithfe mé 'dhul chuig a' dochtúr faoi'n mbruach atá ar shúil an pháiste sin. Tá an-tochas ann, agus is fada liom atá sé a' cothú uirre."

"Bail ó Dhia ort fhéin, a's ar do shleamhnán! Tuige, dhá mbadh sleamhnán a' bruach sin?" "Bruach tirm é. Níl adhbhar a' bith ann." "Tá bruach nó guirín eicínt ar fhor(bh)a na súil aige. Déarfainn go raibh sé air ariamh." "Tá'n bruach seo a' dul ar gcúl anois, a's má fhéin tá sé in am sin aige." "Droch-bhruach é sin ar a shúil, hébrí céard a chuir air é."

"Tá a shúile faoi bhruachannaí ar fad." "Tá bruachannaí ar a bhéal" = fonnsaí móra a thaga(nn)s ar bhéal daoine amanntaí

"Bhí na bruachannaí sin a' rith leis a' dream sin uileag."

"Tagann bruachannaí ar mo bhéal igcomhnuidhe le fuacht."

"'Chuile bhliadhain nuair a thaga(nn)s dubh-luachair na bliadhna, eirigheann carra bhruachannaí ar a bhéal"

"Níl a' chainnt a' teacht liom ceart chor a' bith ag na bruachannaí seo atá ar mo bhéal." "Briseann a bhéal amach a's tagann bruachannaí air i gcomhnuidhe, an t-am seo 'bhliadhain." "Tá mianach bog eicínt is chuile dhuine de'n dream sin. Maran bruachannaí ar a' mbéal é, is briseadh amach a's nioscóideachaí a's guiríní é." "Níl aon-uair ó gortuigheadh mé fadó, nach mbriseann mo bhéal amach, a's nach ndéanann sé bruachannaí, má fhaghaim tsiocair (= siocair) fuaicht a' bith." "Is gránna iad na bruachannaí céadna, ar mhná go h-áithrid."

Deanann luit bruachannaí freisin. Tagann ainfheoil ar a' lot a's bíonn sí in a bachaill timcheall air. Sin bruachannaí ar lot.

"Tá an lot seo a' déanamh bruachannaí anois." "Le seachtmhain a tháinic an ainfheoil sin air. Tá sé in a bhruachannaí anois."

"Is bocht a' chois atá aige anois. Tá feoil bhroc-lobhtha in a

bruachannaí timcheall ar a' lot. Shílfeá nach bhfuil cuímne 'bith cneasú fós aice." "Ní thaithnigheann na bruachannaí sin liom. Dar príosta tá máthair a' droch-ádhbhair istigh fós." "Tá'n lot in a charra fré chéile anois, le na bruachannaí atá 'teacht air. Dheamhan bréag nach ar a' láimh atá an droch-chosamhlacht." "D'eirigh gearrad beag de mo chois. Shílfeá narbh fhiú biorán é. Ach a mhic ó, shéid sé suas, a's rinne sé bró-bhracha. Tháinic bruachannaí annsin air, mar bheadh ainfheoil ann. Is mé a shaothruigh é, igcaitheamh coicíse, gan néal a chodladh." "Má airigheann tú aon-sámhas 'sna bruachannaí sin, tá aice: a' cneasú atá sí." "Marach thú fhéin ní bheadh leath-clóic ar a' lot sin. Bíonn tú igcomhnuidhe 'piocadh leis, a's a' baint na mbruachannaí dhe." "Sin é do mhaith má tá díocas tochais, 'sna bruachannaí sin. Fuiling é, a's ná scríob é." "Tá bruach amach ar 'chaon taobh de'n lot. Ní fuil bhrúighte é, marab é an craiceann a bheadh a' lobhadh." "Rinne an fheoil fínniú idtosach, a's lobh sí ar fad annsin. D'eirigh bruachannaí timcheall ar a' ngiodán a raibh an dochar ann, a's chuaidh sé in óthras. Shíl mé nach gcneasóchad sé chor a' bith, bhain sé an fhad sin asam." "Is deacair aon-cheirín a chuir léithe, a's na bruachannaí sin uirre." "Is aisteach na bruachannaí atá ar an lot sin. Shílfeá gur lannaí iad." "Níl aon-cheo feoil bheo 'sna bruachannaí sin; ainfheoil lobhtha iad." "Ná bí a' priocadh chor a' bith léithe, nó má tá indán's go mbainfe tú na bruachannaí sin dhi, gheobhfa sí rud le déanamh a's cneasú, go goirid." "Dheamhan dochar é 'bheith a' déanamh bruachannaí. Déanann chuile lot iad sin, má's droch-lot é." "Imtheocha na bruachannaí sin lobhtha dhi, a's cneasócha sí annsin. Ach ní mór dhuit foighid a bheith agad." "Coinnigh clúduighthe í, a's cuir neart ceiríní léithe. Má theigheann a' salachar 'sna bruachannaí sin, déanfa sí bró thínn (thuínn?) ort."

"Tá bruach air" = bruas, stainc, bundún, musán.

"Céard a chuir a' bruach anois air?" "Is minic leis a' gceann céadna bruach a bheith air. Tá sé an-íogmhar thar dhuine eile." "Má thagann bruach air siúd, níl aon-ghna(ithe) aghad 'na ghoire." "Bhí bruach eicínt anocht air, arae ní raibh focal de'n chainnt aige." "Duine aisteach é sin. Dheamhan a mbeadh fhios aghad, céard a chuirfeadh bruach air amanntaí." "M'anam gurb shiúd é an droch-eallach le dhul a' nathaidheacht leis, má bhíonn aon-bhruach air." "D'aithin mise go maith air, ó'n núiméad (= nóiméad) a dtáinic sé isteach, go raibh bruach air, ach níor bheo é an ceann eile in a dhiaidh sin, gan a bheith 'siocadh leis." "Dhá mbeadh aon-acmhúinn grinn aige, shílfeá, nach gcuirfeadh an méid sin barramhlacht' bruach a' bith air. Ach is furasta le cuid de na daoine rud a thógáil suas." "Dar ndoigh dheamhan duine beo, nach gcuirfeadh an chabaireacht sin a bhí ortsa bruach air. 'Sé'n fear is fhearr éisteacht é 'chonnaic mise ariamh, a's éisteacht leat chomh fada sin fhéin." "Ní shiúd é an ribín réidh, le 'theacht salach air, má bhíonn bruach a' bith air." "Is mairg dhuitse nach n-éisteann leis, a's ní bheadh aon-bhruach air. Nach bhfuil tú in 'éadan d'aon-cheird, le na shaghdadh." "Tá bruach eicínt ó mhaidin air, muis, maran cheal tobac é. Nuair nach mbíonn aon-tobac aige, is deacair ceart a' bith a bhaint dhó." "Chonnaic mé bruach a' teacht ar a' bhfear thiar, a's dubhairt mé liom fhéin, dhá mbeadh call eadarascán, go mbeadh cead ag duine eicínt eile é 'dhéanamh. Chrap mé liom fhéin ar fad." "Ná tagadh bruach anois ort faoi'n méid sin a rádh leat. Marach gur ar mhaithe leat atá mé, ní chuirfinn comhairle 'bith ort." "Ní fhaca mé do leithide ó rugadh mé. Tá bruach ort 'chuile ré soluis." "M'anam gurb shin é an áit chéadna, nach bhfuighe sé mórán sásaimh, tagadh bruach air, nó ná tagadh."

bruach = ionann's, indáil le, imbéal, beagnach. [faoi am]. "Bhí sé ar bhruach eadarshutha, 'san am ar tháinic sé" = bhí sé ionann's nó imbéal eadarshutha, nuair a tháinic sé. [leagan an-choitchiannta é seo ar Achréidh na Gaillimhe]. "Tá sé ar bhruach coicíse ó d'imthigh sé." "Tá sé ar bhruach seachtmhaine imthighthe anois." "Miosaim (= measaim) go bhfuil sé ar bhruach míosa anois ann." "Nach maith an chiall ag sionóir (= seanóir) bocht mar mise é, atá ar bhruach cheithre scóir (bliadhan)?" "Is fadó an lá ó bhí sé in ord Mhuire. Measaim go bhfuil sé ar bhruach deich mbliadhna a's trí fíchid ó shoin" [féach ord]. "Tá sé ar bhruach bliadhna pósta, má tá sé taobhmhar leis." "Is ceart do'n mhac is sine aige a bheith níos mó ná sin. Bhí an t-athair pósta rómhamsa, a's tá mise pósta ar bhruach fiche bliadhain anois." "Bail ó Dhia ar do thrí scóir. Tá an t-am atá mise a' rádh ar bhruach céid fhéin — an t-am a mbídis ag obair ar thuistiún sa ló ar a' mbóthar sin thuas." "Tá'n sliabh sin thuas roinnte anois, ar bhruach fiche bliadhain ar chuma ar bith." "Níor tháinic sé aniar go raibh sé ar bhruach oidhche." "Déarfainn go bhfuil sé ar bhruach lae. Tá'n fáinne bán imthighthe soir, ar fad." "Níor fhágamar teach na bainse go raibh sé ar bhruach lae. (D)ar ndó(igh) bhí sé 'na lá gheal ghléigeal, nuair a bhíomar sa mbaile." "Amach ar bhruach na Bealtaine a bhí ann. Cuimnighim go raibh an coirce curtha ar chuma 'r bith." "Nach mbíonn sé amach ar bhruach na Samhna shul a dtoisigheann sé a' fuagoirt faoistean. Tá moill mhór fós air." "Tiocfa an Cháisc amach ar bhruach na Bealtaine imbliadhna. Tá sí an-deireannach." "Ní raibh sé chomh luath sin sa mbliadhain nuair a d'imthigh sé. Bhí sé amach ar bhruach Máirt (= Márta)" "Má's leis pósadh an 'rubber' (= geábh, iarraidh) seo, ní mór dhó corruighe go gairid. Nach bhfuil muid ar bhruach a' Chargaois."

Brúideamhlach = aidiacht = beathuighthe; iadhta; neart saille a bheith ar dhuine nó beithidheach; tuithte i bhfeoil; bláthmhar.

"'Sé atá brúideamhlach." "Is diabhluidhe brúideamhlach a' beithidheach é." "Tá sé brúideamhlach le neart saille." "Is breagh brúideamhlach a' bulán é." "Duine brúideamhlach beathuighthe é." [Mar seo is iondamhla é i.e. brúideamhlach a's beathuighthe i gcuideachta 'chéile]. "Tá sé chomh brúideamhlach beathuighthe le bulán Achréidhe. Is furast aithinte air, go bhfuil sé a' caitheamh greamannaí maithe." "Tá sé chomh brúideamhlach beathuighthe sin, anois, a's go bhfuil sé indon ag a' stealladh" = tá sé sáthach reamhar le marbhú. "Bíonn na Punncáin sin uileag brúideamhlach beathuighthe, ar theacht abhaile dhóib, ach ní fhanann sciolltar a' bith orra(b), th'éis tamall a chaitheamh in Éirinn. Tá mé a' ceapadh gurab í neart na gréine thall, a dhéana(nn)s chomh brúideamhlach sin iad." "Céard tá tú 'thabhairt do na bainbh, go bhfuil siad chomh brúideamhlach, beathuighthe, a's tá siad?" "Tá sé brúideamhlach beathuighthe, bail ó Dhia a's ó Mhuire air. Is maith atá a chuid a' dul dó." "Má tá sé brúideamhlach beathuighthe fhéin, is dhó is fusa. Tá sé sin a' caithe(amh) togha na beatha." "Má tá mé brúideamhlach beathuighthe fhéin, cá'il do chaillteamas-sa? Nach mbeadh ciall induine a mbeadh slacht a chodach air, fharra's a' té nach gcuirfeadh tada bior-eanga air." "M'anam má chaith sé tamall 'san ospuidéal fhéin, nach donaide sin é. 'Sé atá brúideamhlach beathuighthe 'na dhiaidh." "Shílfeá gur deacair dhóib a bheith brúideamhlach beathuighthe muis, scáth a bhfuil de thomsacht ar na riascannaí sin suas aca(b)." "Is an-ughdar í sin. 'Bhfeiceann tú chomh brúideamhlach beathuighthe a's atá sí, scáth a bhfuil sí 'fhaghail de chinnireacht" [Budóg nach raibh 'fághail mórán beatha].

Brúisc. (i) duine ar bheagán contanáis le aonduine; duine daoitheamhail dodach, gan sult gan subháilce, gan laetheamhlacht.
(ii) píosa de bhalla, de chlaidhe, de chruaich mhóna etc. a thuitfeadh in aon-mhangarae amháin. (iii) seala daoine nó beithidheach a bheadh thrídh na chéile, gan ceannús ceann a' bith.

(i) "Brúisc bradach é sin." "Sin é fhéin an bhrúisc d'fhear."
"Ní thiubhra an bhrúisc sása(mh) d'aonduine, deirimse leat."
"Bhí an bhrúisc mhór seo thoir, a' cur a chosa uaidh ann."
"Níl aon-ghoir agad tada 'iarraidh ar a' mbrúisc sin, nach shin é an bealach atá leis."
"Beidh an bhrúisc sin ar bheagán sásamh le aon-duine."
"Baoghal ar a' mbrúisc bhradach sin, 'theacht chomh fada le aonduine lá an an-shógha."
"Níl acmhúinn grínn a' bith ag a' mbrúisc sin, a's ní raibh ariamh."
"Sé'n bealach céadna atá leis a' mbrúisc sin, 'chuile lá ó chuir mise aithne air."
"Bhí an bhrúisc de tháilliúr seo thiar, a' cur a chraicinn dhe ann."
"Mara bhfagha an bhrúisc de shagart sin, a chuid fhéin, reicfe sé na daoine" ("na daoine" = muid)
"Is fhearr dhuit luach a' phlúir a chaitheamh (ch)uig a' mbrúisc sin sa siopa, nó sceannfa sé beo, beithidheach muid."

(ii) Thuit brúisc de chlaidhe in mo dhiaidh."
"Leag a' capall brúisc de bhearna, thiar le bóthar."
"Tá brúisc de'n bhínn tuithte, a's is gearr ó'n gcuid eile freisin."
"Bhí sé 'cur gníomh' ar a' gcruaich, a's thuit brúisc dhi, anuas air."
"Is dona an déanamh 'bhí uirre, má thuit brúisc dhi, chomh h-aibéil sin." "Is maith 'chuaidh tú as, nar mharbhuigh an bhrúisc sin thú." "Ní beo iad gan a bheith 'deana(mh) míllteanais: leag siad brúisc de chlaidhe ar Sh. S. a' teacht ó'n scoil aréir." "Tá brúisc dhiabhalta de'n bhalla tuithte ar ais aríst." "Thuit a' claidhe in aon-bhrúisc amháin" = thuit sé go sciobtha, a's go talamh in aoinfheacht.

"Tá fail na muc tuithte in aon-bhrúisc amháin."
"Má thugann a' balla sin uaidh, beag ná mór, tiocfa sé anuas in aon-bhrúisc amháin."
"Tháinic a' cró anuas in aon-bhrúisc amháin. Is beag le má d'fhan cloch ar fhuaid nar thuit." "Bhí cárnán mór leabhar ann, a's thuit siad anuas de bhrúisc." "Ná leag ar forbhás annsin é, nó tiubhra sé anuas a bhfuil ar a' mbord in aon-bhrúisc amháin."

(iii) "Bhí an-bhrúisc daoine ar an aonach." "Tháinic brúisc dhaoine as na cartúir isteach in éindigh, a's líonadar a' teach."
"Chonnaic mé an-bhrúisc dhaoine taobh amuigh de'n bhearraic indiu, a' fuirtheacht go 'saigneáiltí' an 'dole'."
"Is áidhbhéil a' bhrúisc gasúir atá 'teacht chuig an scoil sin thoir anois" "Níl aon-chall duit a bheith 'ceasacht mná, a's an brúisc ghearr-chaileadha, atá a' síneadh leat annsin thiar" = níl aon chall duit a bheith 'casaoid gan bean a bheith agad, a's a fhusacht dhuit bean a fhaghail as a' seala mór atá le t'ais annsin thiar.
"Fhobair gur phlúch an bhrúisc gasúir a tháinic isteach mé."
"Bhí brúisc dhaoine síos, 'feadh t'amhairc ar a' tsráid."
"Tá an-bhrúisc bheithidheach aige. Chonnaic mé cruinn ingarruidhe an tighe iad, oidhche an Aonaigh."
"Thiomáin sé brúisc bhuláin soir a' t-aonach. Ní rabh fhios agam go raibh sé chomh deiseamhail, a's go mbeadh an oiread sin aige, dhá chuid fhéin."
"Ba diabhalta an bhrúisc dhaoine 'bhí ag a' mbáire indiu."

Brúisceamhlacht — cáilidheacht brúisce = dodaighil, daoitheamhlacht, cheal chontanáis le aon-duine; cheal suilt a's subháilce.

"Tá'n bhrúisceamhlacht sin innte sin ariamh, a's shílfeá amanntaí nach leághfadh a' t-ím ina béal, le lághaigheacht."
"Tuille d-l aige anois. A chuid brúisceamhlacht' fhéin a tharraing a' méid sin air." "Ba dual dó a bheith brúisceamhail." "Níor dhubhairt sé sin focal sibhialta le aon-duine ariamh, le teann brúisceamhlacht' a's droch-(mh)úineadh

Bruithneog = toit, nó fasair fhataí a róstadh len ithe, gan iad a bhruith
ná a sheicheadh. (Déantar amuigh is na guirt é, aimsear baint'
na bhfataí, nó istigh ar a' teallach).

"Cuirigidh síos bruithneog daoib fhéin."
"Róst sé bruithneog fhataí amuigh ar a' gcínn-fhearainn."
"Tá na bruithneogaí caithte in aer ar fad anois."
"Ba mhaith le duine aige bruithneog roimhe seo, ach ní
thiubharfadh an aos óg bolg dóib anois."
"Ba mhaith leat agad bruithneog fhataí, nuair a bheadh a'
t-ocras ort."
"Chuir sé síos bruithneog fhataí, a's toit bháirne dhó fhéin."
"Ba mhaith an bheatha iad na bruithneogaí, ach tá na daoine
ro-bheaduidhe anois, le na n-ithe."
"Ba bhreagh an rud bruithneog, a's muigín bainne géar."
"Bhí bruithneog fhataí thíos aige, a's é 'diúrnáil na luaithe orra."

Brúightín = (a) fataí bruighte a mheilt nó a mhionnú, a's amanntaí im a chuir
thríotha. Tugtar "brúightín" do pháistí.
(b) leathnóg nó mionbhach a dheanamh de rud a' bith.

"Nach thú an páiste go ndéanfaidhe brúightín duit!"
"Tá sé in am agad eirighe as a' mbrúightín feasta choidhchin."
"Níl aon-im agam le brúightín a dhéanamh dhuit."
"Caithfe tú an brúightín a ithe ar aghaidh, d'uireasbha ime."
"Thuit cloch ar mo chois, a's tá sí 'na brúightín."
"Tá a láimh ina brúightín in áit ar rugthas idir dhá
chloi(ch) uirre."
"Deanfa mé brúightín díot le iarraidh."
"Rinne sé brúightín dá smut le dorna." = "chuir sé as cuma é.
"Tá'n criathrach in a bhrúightín ag a' tuile" = tá sé chomh bog le gruth
"Shuidh sé ar mo hata a's rinne sé brúightín dhe faoi."
"Ní raibh mé in mo bhrúightín ariamh go dtí anois" = tá mé sáinnighte
nó i gcruadh-chás. Tá mé ar a' bhfaraor géar.
"Tá'n saoghal (an aimsear etc) in a bhrúightín anois" = tá an saoghal
etc corrach, briste nó in a bhrochán.

Bruth-shléacht (brugh-shléacht?) = ainm-fhocal, firinscneach. tuiseal gein. aonda — bruth-shléachta

Bruth-shléacht = (i) bráighill; maoin; deis; áirgí a's 'chuile rud dhá bhfeilfeadh a's dhá bhfoghanfadh do duine, faoi chomhair maireachtála.

"Tá bruth-shléacht air" (nó aige) = tá maoin, bráigill etc. aige.

"Th'éis a bhfuil de bhruth-shléacht air, is mór atá an aois a' tuitim air" = th'éis go bhfuil 'chuile shórt ar fheabhas aige — togha bidh a's rud le cailleadh leis fhéin — tá cuma na h-aoise a' teacht air. "Tá bruth-shléacht a's bráigíll ar a' mbuachaill sin."

"Is beag a' mhaith dhó a chuid bruth-shléachta anois. Tá a shraith ar lár." "Dheamhan ughdar a' bith casaoid' aige faoi'n saoghal. Tá neart bruth-shléachta air." "Dhá mbeadh an oiread bruth-shléachta orainne a's tá air, mise imbannuidhe dhuit, go gcuirfeadh muid caitheamh ann." "Is cruadhaichte í ná na clocha glasa, th'éis a bhfuil de bruth-shléacht uirre. A' mbeadh fhios aghad, tuige a mbíonn daoine chomh caillte sin?" "Is diabhaltaidhe a' bochtuigheadh é, a's a raibh de bruth-shléacht ar tamall!"

"Is dhóib ab fhusa bruth-shléacht a bheith orra(b), lá's go bhfaghaidís amadáin le na gcuid oibre a dhéanamh in aisce dóib. Ach tá ciall ag daoine anois fharra's an uair sin."

"Tá sé in a bhruth-shléacht le na bhfuil aige de chuile rud — féar, fataí 's coirce." "Níl cinneadh 'bith le na bhfuil de bhruth-shléacht aige." "Tá S. in a bhruth-shléacht le 'chuile dheis, ó d'fhága sé an sean-teach. B'ádhamhail a' lá dhó an teach nuadh a dhéanamh. Tá sruth a's gaoith leis ó shoin." "Má tá bruth-shléacht fhéin air, is furasta an droch-bhail a chuir ar sin aríst. Ar chuala tú ariamh é 'nach dtáinic cruinnigheadóir ariamh, nach dtiocfadh scaipeadóir in a dhiaidh'. Is mór atá mise ag dul amudha muis, nó caithfe an mac cuid an athar."

"Is furasta do na siopadóirí sin bruth-shléachta a bheith orra, a's mo chuid-sa, a's do chuid-sa, a's cuid 'chuile dhuine eile thíos in a bpóca." "Dhá mbeadh caitheamh a's faghail agam, níor mhiste liom faoi bhrugh-shléacht. Is maith an rud riar." "Má tá bruth-shléacht fhéin air, is maith an aghaidh sin air!"

(ii) = raic, mioscas, sléachtadh, míonós, árduighthe.

"Teirigh i gcoinne 'fags' dó siúd, nó beidh sé in a bhruighshléacht aige 'nuair a thiocfas sé" = beidh sé ag dul le buile; tarraingeocha sé raic; beidh sé a' cur a chosa uaidh, mara mbí 'fags' roimhe ar a theacht dó.

"Chuala mé go raibh sé in a bhruighshléacht aige annseo thíos aréir, i ngeall ar imirt. Bhí sé 'déanamh amach go raibh daoine a' déanamh comharthaí dhá chéile ag a' gclár." "Bhí sé 'na bhruighshléacht indiu, thuas ag an obair — muintir a' Ph. a tháinic a' cur a gcosa uatha(b) ag iarraidh oibre. Fhobair go raibh sé 'na Chath na bPunann. Cuireadh fios ar phóilíos, sílim." "D'eirigh sé chugam in a bhruigh-shléacht a mhic ó, ag (d)ul a' baint na bputógaí asam, mara dtugainn scilling eile dhó. Ba bheag a' baoghal orm a mh'anam. Thug mé mo cheart dó." "Dheamhan mórán ughdair atá sé sin 'iarraidh le bheith in a bhruighshléacht. Is gearr siar ann atá an ghangaide." "Ná cuir araoid a' bith air maran leat bruighshléacht a's sceannach a bheith ar fud a' tighe. Má bhíodhgann sé sin aghad (: chugad), ní hé an ribín réidh é, le míniú anuas aríst." "Bhí sé 'na bhruighshléacht ag teach a' phosta indiu ag lucht 'dole' ag iarraidh brughadh isteach. Ba bheag nach mb'éigean fios a chur ar phóilíos." "Ní chloisfeá méir igcluais annseo ó thuitea(nn)s oidhche ag paicle gasúr a bhrugha(nn)s isteach, ar cuairt. Bíonn sé 'na bhruighshléacht aca(b)." "Óra a dhearbhráthair mo chroidhe thú, bhí an cladach 'na bhruigh-shléacht aige indiu, a' gabhail le cuthach faoi fheamuinn dearg, a's a rádh gur tóigeadh a roínn fhéin"

Buadán = (i) an sleabhcán nó'n cnáimh a bhíos istigh in adhairc. (ii) ras-adharca. (iii) fadó, nuair nach raibh bróga chomh coitchiannta a's atá siad anois, chasadh gasúir, a's fir fhéin amanntaí, súgáin fhéir, píosaí mhálaí, ceirteachaí etc. ar a gcosa, arae ba mhór a' teas dhóib iad fharras imtheacht in a gcosa buinn. Fós fhéin, casann daoine strácaí nó ratháin ar a mbróga aimsir sheaca, i riocht's nach sciorrfaidís. Sin buadáin. Nó chuirfeá buadán ar adhairc bó nó caorach, dá n-eirigheadh timpiste a' bith dhi. (iv) stráca nó ceirt a chuirfeadh gasúr air fhéin, dá mbeadh lot, ná speireachaí, bun-bhualadh, ná a mhacsamhail ar a chois. (v) bachaill nó caislimíní gruaige. Níl ciall a (i) ná a (ii) le fairrge i gConamara, ach tá ar an Achréidh, a's taobh ó thuaidh Chonamara.

(i) a's (ii). "Thuit a' buadán lobhtha amach as an adhairc." ["sleabhcán" in áit "buadán", Cois-Fhairrge]. "Tá'n buadán leis innte" (i.e. sa n-adhairc). "Bhris sí an adharc a's an buadán chomh maith le chéile." "Tá'n buadán in a charcair istigh 'san adhairc." "Is beag a' bhrigh an adhairc a bheith briste, nuair nar eirigh aon-cheo do'n bhuadán." "Tá crotal na h-adhairce scoiltí (= scoilte), ach tá'n buadán slán." "Bhain sí barr na h-adhairce uileag dhi fhéin, in aghaidh an chlaidhe. Ach ní cás dhi é, marar eirigh tada do bhuadán na h-adhairce." "Measaim go gcaithfear an adharc a bhaint uileag dhi: tá'n buadán in a charra lobhtha a' tuitim amach aisti." "Nuair a thug an tarbh faighdeán faoi, sé'n balla a bhuail sé, a's briseadh a dhá adhairc, idir buadán a's a raibh ann." (ii) "Nach beag a' dá bhuadáinín de dhá adhairc atá uirre." = ras-adharca. "Ceann de na beithidhigh bheaga dhubha sin a cheannaigh sé. Níl uirre ach buadáin d'adharca." "Níor thaithnigh na buadáin sin ariamh liom. Ní mheasaim go mbíonn aon-ughdar maith i ngamhain 'bith a mbíonn siad air." "Shílfeá gur eirigh rud eicínt dá chuid adharc. Dheamhan uirre anois ach buadáin." "Cheap mé go dtuitfeadh na h-adharca amach ó'n diúid dhi, ach tá buadáin bheaga uirre in a dheidh sin." "Dheamhan mórán a chuirfeas

na buadáin as dhi, mara bhfaghann tú aon-mharach eile uirre" (ceannachthóir a bhí a' lochtú bó, faoi na h-adharca a bheith giorruighthe).
"Is bearnuighthe an péire adharc atá uirre. Deamhan anntú (= ionnta) ach buadáin." "Ba dheise í d'uireasbha na mbuadáin bheaga sin, ar fad." "'Siad na buadáin a d'fhága faoi ráta í. Marach iad, d'imtheochadh sí gan stró(bh) ar bith" = dhíolfaí í, gan aon-anró, marach nach raibh aon-mheas uirre, ingeall ar a cuid ras-adharc.

(iii) a's (iv): "Chuireadh muid buadáin fadó ar na bróga, aimsir sheaca — súgáin thuighe, píosa mhálaí, nó rud a' bith ba thúisce aghainn. Choinneochaidís ó sciorradh thú ar a' leic oidhre." "Fadó ní theigheadh duine a' bith amach aimsir sheaca gan buadán ar a chosa, ach ní fheicfeá ar aon-duine anois iad. Tá'n faisean sin caithte in aer, mara 'bhfuil muinntear a' tsléibhe fhéin ann. Tá siad sin a' coinneál na mbuadáin a's na seiríní igcomhnuidhe." "Nuair a bhí mise ag eirighe suas, dheamhan bróig ná stoca a d'fheicfeá ar aon-ghasúr sa tír, ach iad ag imtheacht cos-nochta, geímhreadh a's samhradh chomh maith le chéile. Nuair a thiocfadh sioc mór annsin, chuirfidís buadáin ar a gcosa — súgáin fhéir, nó strácaí 'mhálaí — le teas a dhéanamh dhóib ar a' bhfuacht." "Dhá gcuirtheá-sa buadán ar do bhróga, mise imbannaí, nach sciorrfá." "Tá'n bóthar chomh sleamhain le gloine, arae tá sé faoi reothalach as éadan. Má's leat a dhul i gcoinne fataí, níor mhiste dhuit buadán a chuir ar do bhróga, nó bascfaidhear thú ar na leacrachaí siúd." "Ar a' dá luath, a's a gcaithfe sé glasrú (= glaisreodh) a' bith seaca, buailfe sé suas buadáin ar na bróga. Ach (d)ar ndú (= dar ndóigh) ní mór dhó sin, a's chomh trom-chosach, mío-stuama a's tá sé ar na buínn." "Is beag a' mheas a bhí aige ar mo chuid buadáin-sa, ach dhá mbeadh breith ar 'aithmhéala aige, ní thiocfadh sé fhéin amach dá bh'uireasbha, a's ar baineadh de threascairt as ar a' leic oidhre." "Ní leagfaidh-ear é siúd, má dhéanann buadáin dó é. Tá trí nó ceathair

de strácaí casta ar a chuid bróga aige."

(iv) "Céard 'tá ar do chois anois le go bhfuil buadán agad uirre?" = ceirt nó stráca ar chois thinn, nó loithte. "Tá buadán agad uirre ó tháinic a' bhliadhain. Mara bhfuil sé in am aice feasta a bheith cneasuighthe, castar léithe é." "Tá mé 'ceapadh gur speireachaí atá air, a's an buadán a bheith ar a chois." "Cuir buadán uirre, nó má theigheann a' salachar innte, déanfa sí bró thuínn" (bró thínn?). "Is gearr go dteastuighe buadáin anois, arae tá 'Máirtín Gágach' a' teannadh linn" (féach Máirtín Gágach). "Breagh nach bhfáisceann tú buadán uirre, má tá sí tinn agad. Ní ghortóchadh na clocha í, dhá mbeadh sean-stráca a' bith uirre." "Is ort atá 'chuile anshógh má's fíor dhuit fhéin. Caithfear buadán a chuir ar do chois, a's méaróg ar do láimh. Céard eile a theastuighea(nn)s uait?" = gasúr goilleamhnach. "Tá'n putach sin thíos ag L. Mh. buailte suas as na cosa ar fad. Feicim é ag imtheacht, a's buadán ar leath-chois aige, a's an ceann eile craptha." "Teastuigheann buadán uait anois! Tuilleadh d-l agad — croisim aríst tú! — dubhairt mé leat fanacht amach ó'n gcrích dhriseachaí sin, a's sin é bhfuil dhá bharr agad anois. Má chuirimse aithne aríst ort, tiubhra tú áird orm, feicfe tú fhéin!" = gasúr a chuaidh isteach igcrích dhriseachaí thar aithne a mháthar, a's bhí a chosa roistí (= roiste) ag na driseachaí. "Cé'n mhaith dhuit buadáin a chuir orrab, má's oighreachaí atá ort? Ní thiubhra an buadán aon-fhuarú dhuit." "A' gcuirfe tusa buadán ort fhéin freisin? Tá sé chomh maith dhuit fhéin a bheith sa bhfaisean chomh maith le duine!" = bhí buadáin ar na gasúir eile ar fad, ingeall ar speireachaí, a's bhí piodarlán beag eile a' déanamh aithrise orra, aindeoin nach raibh call buadáin a' bith dhó. "Caithfe mé buadán a chuir ar adhairc na bó sin. Tá sí scoiltí." "Fagh buadán dhom a chuirfeas mé ar dhrioball an asail. Tá sé gearrtha, a's déanfa na fóthachaí a's na míoltógaí ballséire air, mara gclúduighthear é."

Aidiacht as = buadánach = bachallach, nó in a caislimíní.

"'Tháinic Taimín Bán ar cuairt agam, a's mé in uaignisín
liom péin
Séard dubhairt sé ná bíodh buaidhreadh ort, ná rud a' bith
mar é,
Do chúilín catach buadánach, ingeall air a chroch(f)ar
mé,
A's go mbadh mheasa liom naoi n-uaire thú ná'n mháithrín
a d'oil mé'"
[As "Taimín Bán Mhac Aodhagáin" — leagan Chois-Fhairrge]

Buail, buailte, bualadh, buailteach (buailim etc)

[foghar— i gCois-Fhairrge go minic —

ní hí an fhuaim atá ar uai sa bhfocal "tuair" cuirigcás,

a bhíos ar "bhuail", "chuaidh", "fuair" a's ar chuid eile acu, ach fuaim

idir a i "bail" a's a i "sa" ní fuaim u i "muir" na i "bun"

é. Is cosamhla leis a' bhfuaim é atá ar o i "bog" nó "seo" ach an

s a bheith leathan. Bíonn a' dá fhuaim ar "bhuail" a's "chuaidh", ach

ní bhíonn ach a' dara fuaim (fuaim — "seo") ar "fuair" (briathar)

Bhuail, bualadh etc = iarraidh, dorna, buille etc a thabhairt; teangmháil;

casadh le; goireacht nó comhgar; siubhal; imtheacht; scaradh;

a theacht d'aon-iarraidh;

"Bhuail sé Seán", "buailfe mé tú má abruigheann tú sin aríst"

"Bhuail sé de mhaide (de dhorna, de na h-ailt, de chic, d'iarraidh,

dá ghlúin, dhá láimh, de chloich, d'urchar etc) é = bhuail sé le maide etc é.

"Bhuail sé dhá shean-iarraidh é", "bhuail sé criogaide, (dorna, leadóg,

cuaibhtheach de dhorna, laisc, iarraidh, fadhb, pléisc, punntán

buille, snaidhm etc) air." "Buaileadh isteach ar cheangal a' ghéill é."

"Buaileadh i gcongar an uicht a's an mhuiníl é." "Buaileadh

idir a' gob a's an tsúil é." "Buail isteach idir a' gob a's an

tsúil é" = isteach díreach i gclár an éadain.

"Ná buail níos mó air." "Tá do dhíol buailte air" (do sháith

etc). "Tá sé an-bhuailte go h-éag" = "buaileadh go diabhaltach

é." "Buailfe mé tuighe shrathair (shrathra) ort" = buailfe

tuigheadh na bPunann ort" = "buailfe mé an dara thairt (tara

thairt?) ort" = "buailfe mé an-ghleáradh, an-lascadh etc. ort."

= "buailfe mé bruicneáil, druimeáil etc ort"

"Thug sé bruicneáil bhreagh bhuailte dhó" = "thug sé druimeáil bhuailte dhó"

= "thug sé greadadh buailte dhó" = bualadh breagh. = "thug sé lascadh b. dhó."

= gleáradh buailte; liúradh buailte; léasadh buailte; deargadh-buailte etc.

"Beidh mé do do bhualadh chomh uain's gheobhfas mé teas in do chraiceann."

"Beidh mé do do bhualadh, go gcuire mé snaidhm na bpéist ort"

"Beidh mé do do bhualadh, nó nach bhfágfa mé iall-bheo ionnad." etc.

"Thug sé snaidhm bhuailte, [pléasc, fadhb, iarraidh bhuailte etc] dhom"
= iarraidh céadtach amháin.
"Má theigheann tú dhá bhualadh chor a' bith, bain do dhíocas as" = má theigheann tú
dhá bhualadh chor a' bith, leag air" (tabhair faoi go maith é etc.)
"Gheobha sé bualadh ar a' mbualadh a's buille ar a' mbuille" = sásaimh as
ucht buailte a rinne sé fhéin cheana.
"'Aithnighim culaith an deirg, ach ní aithnighim a dheilbh ná é fhéin,
A's fear gan bheannú, imeasc a' tsluaigh, is cóir a bhualadh ar
chnámh a' ghéill'" [An chainnt a chaith an cailleach is
máthair do'n Dearg Mór, i gCrích Lochlainn, nuair a shiubhail Conán
isteach chuice, a's culaith ghaisce an deirg air. Tá sé in a
leath-fhocal sa gcainnt fós, go h-áithrid an dara leath-rann
de.]
"Buail é a fhleasca(igh)!" = a' muinneadh nó a' maoidheamh gasúir a bheadh
a' troid. "Bhuail sé dual na druinne air, ach dheamhan maith a bhí
ann in a dheidh sin — chaithfeadh sé a bhealach fhéin a fhaghail."
"Buaileadh an oiread air a's buailfidhe ar dhual lín" = sin é
an chaoi a gcuirtear i gceist gur tugadh an-bhualadh do dhuine.
"Bhuail mé oiread air, a's dhá mbadh dual lín é, a's chinn orm
aon-smacht a chuir air th'éis sin."
"Má chloisimse go gcainnteocha tú as do bhéal ar a' méid sin arís t,
buailfe mé an oiread ort a's bhuailfí ar dhual lín."
"Rinneadh cac leicín de le'r buaileadh air" = "rinneadh leicíneach
(brúightín, stolpán etc) de le'r buaileadh air."
"Bhuailfinn é marach leisce a dhul a' fiachadh air."
"Bhuailfinn é, marach narbh fhiú liom a bhás a bheith orm" = duine a
bheadh 'san ísle-bhrigh nó go dona, éidtreoireach.
"Más leat a dhul a' bualadh, buail fear maith, a's ná bí de do
mheath fhéin leis a' scrathachán sin." "Buaileadh an oiread ar sin
ariamh, a's bhuailfí ar shean-léine, a's dheamhan a donaide é
in a dheidh sin." "Beidh caonach liath air, mara mbuailtear
é go goirid anois" = duine a mbeadh cleachta aige bualadh
a fhaghail, a's nar baineadh leis le fada.
"'An té a buailtear sa gceann bíonn faitchíos air' = sean-fhocal =
an té a fuair a chomhairleachan cheana faoi rud a' bith, ní mian leis a dhul a'
pléidh leis a' rud céadna arís t.

"Bhuail sé anuas faoi'n teallach é" = in aghaidh an teallaigh.
"Bhuail sé an máilín anuas faoi'n mbóthar." "Ní dhearna sé,
filleadh ná feacadh ach breith air, a's é 'bhualadh anuas faoi'n talamh."
"Bhuail siad in aghaidh a chéile é" = bhí duine acu, taobh abhfus a's
taobh thiar dhe, dhá liúradh." "'Séard a bhí aghainn a dhéanamh leis
é bhualadh in aghaidh a chéile." "Buaileadh thar a chéile é" =
fuair sé an-bhualadh go deo. "Mara n-eirighe tú as, buailfe
mé thar a' chéile thú." "Buaileadh thar cionn é" = "buaileadh go
diabhalta é" = "fuair sé bualadh thar cionn (bualadh diabhalta)."
= fuair sé bualadh (sciúradh) na sean-chuinneoige." "Ní raibh mise
sa mbualadh beag ná mór." "Níor thaobhuigh mise láthair a'
bhuailte chor a' bith." "Fan as láthair a' bhuailte, nó b'éidir go
gcaithfeá a dhul a' déanamh fiadhnuise aríst." "Ní raibh mise ann,
nuair a bhí an bualadh ar siubhal." "Fuair sé bualadh céadtach"
= fuair sé an-bhualadh. "Tugadh an bualadh céadtach dó."
"Fuair sé an-bhualadh, ach má fuair, a's go bhfuair, thug sé
an-bhualadh uaidh, dhá réir, freisin." "Is dona a chuaidh an
bualadh dhó faoi dheire thiar." = chuaidh sé in aghaidh; buaileadh nó
gortuigheadh é féin. "Ní fhaca mé fós ariamh, aon-duine a bheadh
tórthamhail ar bhualadh, nach dona a thiocfadh a' bualadh dhó as
a dheire." "Shílfeá go raibh an bualadh céadtach ann, le na
raibh de ghleo aca(b), a's ní raibh aonduine buailte as a dheire!"
"Is maith é faoi'n mbualadh." = tá sé an-chóir faoi dhuine a bhualadh
= "Níl claonadh a' bith aige ó dhuine a bhualadh. "Íocfa sé an bualadh
sin, thar aon-bhualadh a rinne sé ariamh." "Tá'n príosún ceart
go leor, ach is suarach a' cúitiú é do'n té atá buailte, a's
b'fhéidir, as maith an tsaoghail." "Tá fonn buailte air."
"Ní thaobhochadh sé an áit sin anois ar ór na cruinn faitchíos buailte =
le faitchíos go mbuailfí é. "'Sé fuair an bualadh spleádhach" = bualadh
imeartha; mar buailfí duine gan aireachtáil nó in gan-fhios, nó dhéanfaidhe
doibheart air, le na ionnsuighe. "Bualadh as ort!" = déarfaidhe é le
duine a bheadh a' cainnt faoi bhualadh, nó a' clamhsán gur buaileadh é,
go ndéanfad sé siomsán de.

"Nach truagh mé ar bord cuain, as gan mo charaid le glaodhach
buille gualann ní bhuailfidh dhom go deire mo shaoghail" ("Antoine Mac
Conmara" — Seán Mac Conmara a chum)

"Buail ar an asal"= teirigh a' marcuigheacht.

"Mara bhfuil tú indon é a shiubhal, 'séard atá agad a dhéanamh bualadh ar a' gcapall" "Buailfe muid orrab (ar na rothair)" = rachamuid a' marcuigheacht ar na róthair. "Buail air" (ar a' rothar). "Tá sé chomh maith dhúinn bualadh ar na 'bicycles', 'as a dhul abhaile."

"Bhí mé ar thob bualadh ar a' 'mbicycle' go díreach, 'san am ar ghludh (= ghlaoidh) sé orm aríst."

"Bhuail sé uirre (ar bhean)" = cainnt gáirseamhail.

"Buail ort a' cliabh seo a's tabhair abhaile é" = cuir ar do dhruim, é; árduigh ort fhéin é. "Bhí sé chomh maith do dhuine mála a bhualadh air fhéin, a's a dhul ag iarraidh a chodach, le 'bheith i gcleitheamhnas talmhana anois." "Má tá an saoghal cínnte uirre mar sin, nach bhféadfa sí mála a bhualadh uirre fhéin (i.e. a dhul ag iarraidh a codach) a's má bhuaileann fhéin, is aice atá a dhruim" = tá druim leathan láidir uirre l'aghaidh mála nó ualaigh. "Bhuail sé cruit fhataí aniar air fhéin, a's dhíol sé tigh S. Dh. ingan-fhios iad (féach "cruit").

"I leaba an chruit a bhí air a bhaint di, 'séard a rinne na sidheogaí cruit eile a bhualadh air in a mullach" [as scéal an Chruitínigh — "De Luain, Dé Máirt" etc]. "Buail súgán ar a' gcoca."

"Bhuail sé an maingín aniar ar a dhruim, a's scuab leis."

"Bhuail sí an máilín plúir thuas ar a gualainn, a's thug sí dhá shiubhail abhaile é — dhá mhíle dhéag bealaigh. Tabhair bean uirre sin!" "Bhuail sé cóta mór air fhéin, a's d'imthigh leis." "Ní dhearna sí filleadh ná feacadh ach seál a bhuaileadh aniar ar a brághaid, a's bóthar abhaile a thabhairt di fhéin. Ó'n lá sin go dtí an lá seo, níor thaobhuigh sí an teach aige, ach sa mbaile abuil a h-athair a's a máthair."

"Buail suas ort fhéin an cóta seo, agus is mór a' teoluidh-eacht duit é." "Bhí dhá chóta mór buailte thuas air, le faitchíos nach mbeadh a dhíol i gceann." "Is beag 'aireochas tú an buitín sin a bhualadh ar do dhruim, a's é 'thabhairt abhaile fharrus a bheith a' tarraingt asail in a choinne aríst." "Buail an bhrat sin aniar faoi do mhullach, a's siubhail uait in éindigh liomsa." "Bhuail mé orm mo bhalcaisí, a's amach liom" = chuir mé orm mo chuid éadaigh.

"Buail bóthar" = imthigh; teirigh abhaile (déarfaidhe é, go h-áithrid, le duine nach mbeadh aige ach bonnaidheacha de bharr aistir, nó a d'eiteochthaidhe faoi rud eicínt).

"Buail bóthar, anois, a's bain torann (deatach) as." "Bailigheadh leis anois. Buaileadh sé bóthar má's breagh leis é."

"Chuaidh sé dhá h-iarraidh (ag iarraidh mná) ach b'éigin dó bóthar a bhualadh aríst, gan mórán moille" = "ní raibh le faghail aige, ach bóthar a's bonnaidheachaí."

"Is mairg dhuit nar bhuail bóthar, chomh uain's bhí tiormach aige"

"Buail bóthar as mo bhealach." "Caithfe mé bóthar a bhualadh aríst." "Thug mé an tabhairt (tuairt amanntaí) orm fhéin, ach sé a raibh dhá bharr agam, go mb'éigean dom bóthar a bhualadh abhaile sa mbáist(igh) mhóir." = chuaidh mé ar thuras fada (nó turas droch-lá) a's b'éigean dom a theacht abhaile aríst a's mo dhá láimh chomh fada le chéile faoi'n mbáistigh.

"Tá sé chomh maith dhuinn bóthar a bhualadh, ó's rud é atá romhainn." "A's 'ar ndoigh níor chuir siad a' bualadh bóthair as fhéin an tráth sin d'oidhche é. Ní chuirfeá madadh amach faoi'n dórtadh a bhí ann, ní áirmhighim duine."

"Bhí muid a' bualadh bóthair linn soir, nuair a tháinic a' scail orainn i ngleann na bhForbacha." [scail theinntrighe]

"Is beag dhá fhonn a bhí air bóthar a bhualadh muis, dhá bhfaghadh sé ugach a' bith fanacht, ach dheamhan gnai(the) 'bith a bhí againne dhó."

"Mara dtuga tú aire thairis sin do do ghnaithe, buailfe tú bóthar deirim leat" = máighistir le spailpín.

"Chuir mé a' bualadh bóthair é indiu" = thug mé an bóthar amach dhó indiu" = chuir mé druim díbeartha air.

"Is suarach na gnaithí atá ort a dhul a' bualadh bóthair, an tráth seo d'oidhche, a's gan fhios agad, céard a d'eireochadh dhuit, faoi bhealach, i bhfad uainn an anachain a's an urchóid."

"Dheamhan cuimne 'bith fhéin a bhí agam, go mbuailfeadh sé bóthar chomh h-aibéil sin, ach ní raibh sé ariamh fhéin gan sciorta de'n uathbhás a bheith 'siubhal leis" = bhí forrú nó deifir ariamh fhéin air (forrú abhaile aigéan a chuid oibre, atá i gceist annseo]

"Bhuail sé ormsa é", "nó bhuail sé thall ormsa é" = "leag sé ormsa é" = "chuir sé milleán a' scéil ormsa.

"É fhéin ba cionntaighe, ach bhuail sé thall ormsa é."

"Bhuail sé thall ar Sheán, gurb é, a ghoid é." "Is tútach a' fear é, má tá indán's gur bhuail sé thall ar a' dithreabhach bocht sin, gurb é a rinne an míllteanas, a's fios maith aige nach hé."

"É 'bhualadh thall ar dhuine eile ba mhian leat a dhéanamh anois! 'An leaba a thomhais tú dhuit féin, codail innte', má's breagh leat."

"Ní raibh saoradh ná séanadh le faghail ag na póilíos uaidh, ach é ag iarraidh é (i.e. millteanas) 'bhualadh thall ar mhuinntir a' bhaile."

"Nach réidh leis é a chuir dhe! É a bhualadh ar a' té údan eile!"

"Shíl sé, an bhréag a bhualadh ormsa, nuair a bhíodhadh (= bhíothas) dhá chur idteannta fúithe" = shíl sé an bhréag a d'innis sé fhéin a leagan ormsa, nuair a bhíothas dhá cheisniú go géar fúithe.

"Dheamhan a' miste leis sin. Buailfe sé an milleán ar dhuine eicínt eile, a's saorfa sé é fhéin. Beidh an baile in árrachaí a chéile aige ar ball, a's sin é a bhuac."

"Nach réidh a fuair sé an milleán a bhualadh ar dhuine eile!"

"'Sé bhío(nn)s imbun 's i mbarr 'chuile ámhuilleacht, ach má sé a's gurb é, is beag de'n mhilleán a shroichea(nn)s dó fhéin, arae buaileann sé thall ar dhuine eicínt eile i gcomhnuidhe é."

"Dar mo choinsias, má theigheann sé i gcleitheamhnas an milleán a bhualadh ormsa, beidh rud ar a shon aige — an bitheamhnach!"

"É fhéin a bhí in a thús-scéil leis, a's ná féachadh sé leis a' milleán a bhualadh thall ar aon-duine eile."

"Nach maith uaidh an milleán a bhualadh ar dhaoine eile!"

"Buaileadh air í" adéarfaí le duine a gcuirfí bean air, nach mbeadh sé a iarraidh, nó nach mbeadh de réir a cáilidheachta.

"Is air a buaileadh í, ceart, ach tuille ghéar de'n tubaiste aige, ba deacair a dhíol de bhean a thabhairt do'n cheann céadna."

"Buaileadh air, a' straoilleoigín faoi dheire thiar, aindeoin ar eitigh sé de mhná ar foghnamh." "Buaileadh air, an óinseach, dhá chríonna dhá raibh sé."

"Má buaileadh air í anois, baineadh sé ceart di, má's breagh leis é."

"Ba h-imeartha an mac é, má b'fhíor dhó fhéin, a's breagh gur buaileadh an agóid air in a dheidh sin"

"'Ní díol truaighe é 'choidhchin go mbuailtear air, a' chuigeallach mná a dhéanfas gual dubh naoi n-uaire dhá chroidhe in a lár'"

["An Droighneán Donn"].

"Ní raibh a sárú sin faoi rothaí na gréine má b'fhíor dhó fhéin, ach tá fhios aige anois, gur buaileadh air ceart í."

"Glac comhairle ó dhuine doscudhach, a's ná tabhair cead d'aonduine bean a bhualadh ort, mara dtaithnighe sí go maith leat fhéin."

"Bhí sé 'guairdeall thart ar an aonach indiu, ag iarraidh an scubaidín is inghean dó a bhualadh thall ar dhuine eicínt, ach ní mór dó, cuid mhaith nótaí a chuir in a h-aice, sul a nglaca aonduine í."

"Is maith a bheidheas sé ar a mhaidí, nó buailfe S. M. duine dhá chlann inghean air. Tá seisear aca(b) annsiúd aige, a's macnas orra(b) gan a bheith i gcrích."

"Rinne siad ciseach dhe le ól ar feadh dhá lá, a's bhuail siad an inghean air, ar a chuid óil. Marach sin, dheamhan brat phósta a thiocfadh uirre le na ló, ná a bhfuigheadh sí fear a h-iarrta."

"Fainic a' mbuailfeadh cailleach E. an inghean thall ort. Tá sí ar a mine-géire ag iarraidh duine bunúsach a dheanamh amach di."

"D'imir siad a' cluithche claonach ceart go leor air. Marach gur imir ní bhuailfidís an bhean air."

"Shíl sé go raibh lán laidhre in áithrid di, de bharr na h-udhachta, ach is beag a fuair sé léithe chor a' bith. Deirimse leatsa, marach le grádh do'n ailp, nach mbuailfí air í, ach 'ní bhíonn duine dhá chríonna nach dteigheann beart in 'aghaidh' amanntaí."

"Is cinneamhaint orra(b) é, nó buailfe siad an inghean air, as deire na faidhleála."

"Níl innte ach 'bás ar sliobarna'. Is maith a chruthóchas sí, má sháruigheann sí 'gairbhshion na cuaiche'! Dhá bheachtuighthe dhá raibh sé buaileadh air í 'na dheidh sin." "Bíonn an-ghairm roimhe tigh N., ach níl néal a' bith orra sin. Is fear tighe a's arláir é, a's tá bean mhaith aráin a's snathaide le bualadh ag N. ar dhuine eicínt." "Chaithfeadh sé go raibh an-rachmall pósta air, má leig sé dóib an tsliseog sin a bhualadh air, gan pighinn gan bonn."

"Bualadh faoi'n saoghal" = a dhul i gcionn a' tsaoghail; pósadh; a dhul i gcrích; téagar a dhéanamh; a dhul ar lorg t'fhortúin, nó tabhairt faoi do slighe bheatha a shaothrú. (Go h-iondamhail is pósadh a bhíos i gceist).

"Tá sé in am agad feasta bualadh faoi'n saoghal" = a dhul i gcrích, nó tabhairt faoi do shlighe bheatha a shaothrú. "Cé'n mairg atá ort? Is iomdha duine a bhuail faoi'n saoghal, nach raibh a leath-oiread slighe ná fághaltais aige a's atá agadsa."

"Má's leat bualadh faoi'n saoghal chor a' bith, is gearr go mbí sé in am agad anois." "Is fada gur chuimnigh sé bualadh faoi'n saoghal."

"Bhuail sé faoi'n saoghal sáthach óg." "Tá sé ro-óg fós le bualadh faoi'n saoghal a's le cúram a chuir air fhéin" (i.e. le pósadh)

"Má's léithe bualadh faoi'n saoghal chor a' bith, tá sé 'síneadh suas len am aici anois. 'Ní fhilleann an óige faoi dhó'."

"Bhí mo dhá láimh-sa, chomh fada le chéile a' bualadh faoi'n saoghal dom, a's b'éigean dom gnaithí a dhéanamh 'na dheidh sin."

"Ní mian le daoine bualadh faoi'n saoghal anois, gan maoin a's bráigíll a bheith orra(b). Ní h-ionann iad chor a' bith a's fadó. Pósadh daoine an uair sin, dhá mbeadh aon-chleith as a gcionn chor a' bith." "Is deacair d'aonduine bualadh faoi'n saoghal, a's a' saoghal atá ann, gan saothrú gan glaodhach ar thada."

"Má's leat bualadh faoi'n saoghal, ní mór dhuit a bheith cruínn (= baileach, barrainneach, tíoghbhusach) thairis sin."

"Is mairg dhó nach fadó an lá a bhuail faoi'n saoghal, fharrus a bheith dhá chuir ar a' méir is fuide igcomhnuidhe. 'An rud a theighea(nn)s i bhfad, teigheann 'un roighineadais' adeir siad."

"Is óg a b'éigean domsa bualadh faoi'n saoghal, a's mo bheatha a shaothrú. Ní raibh líon léith agam, ach dhean (= rinne) Dia rud maith liom in a dhiaidh sin" (Achréidh).

"Is mór is fiú do dhuine an fhoghluim. Ní ualach ar aonduine í, a' bualadh faoi'n saoghal dó." "Ní féidir gur a' brath air bualadh faoi'n saoghal aríst atá sí" = [bean ar a' darna pósadh].

"Nár chomhnuighe sí go mbuaile sí faoi'n saoghal aríst."

"Buail faoi obair", "buail faoi na dhéanamh" etc = tabhair faoi; féach leis; ionnsuigh nó áitigh ort dhá dhéanamh; oibrigh ort dhá dhéanamh.

"Tá sé chomh maith dhuinn bualadh faoi ó's rud é atá le déanamh." = tá sé chomh maith dhuinn an obair nó na gnaithí a thionnscailt ó tá siad romhainn. "Bhí sé le bualadh faoi ar maidin, ach loic sé aríst."

"Shílfeá gur beag dhá fhonn a bhí air, bualadh faoi chor a' bith."

"Mara gceapann tú go bhfuil tú indon a dhéanta ná buail faoi."

"Buailfe sé siúd faoi na dhéanamh, bíodh sé indon nó ná bíodh."

"Is air nach bhfuil a' mhairg bualadh faoi, má mhilleann sé fhéin é."

"Bhuailfeadh sé faoi rud a' bith, ach cead a thabhairt dhó."

"Níor mhaith liom bualadh faoi na dhéanamh, ó thárla nach bhfuil fhios agam, céard a bhainea(nn)s dó."

"Níl sé de mhisneach agad bualadh faoi?" = a' gceapann tú go bhfuil tú indon a dhéanta? "Bheadh ciall in a leithide, a bhuailfeadh faoi'n rud a dhéanamh."

"Is ait a' fear é, má tá sé de mhisneach aige, bualadh faoi theach a dhéanamh, a's a mbeidh de chostas air" = ní móide gurb é fhéin a dhéanfadh an tsaoirsinn sa gcás seo, ach go gcaillfeadh sé le na dhéanamh.

"Is furasta dhó bualadh faoi shiopa, a's ar shaothruigh sé fhéin a's a bhean d'airgead i Ameriocá." = is furasta dhó siopa a cheannacht nó a chuir ar bun.

"Má tá fonn air bualadh faoi, ná bac thusa é, é fhéin a bheidheas síos leis." "Ní leigfeadh a' faitchíos dom bualadh faoi, ar fhaitchios nach ndéanfainn ceart é." "Bhí an bhean chomh dona sin, a's nach leigfeadh a' faitchíos de'n dochtúr bualadh fúithe é fhéin, go bhfuair sé dochtúr eile a' chongnamh dhó."

"Tá'n t-aistear ro-fhada le bualadh faoi anocht." "Scríobhfainn fhéin an leitir, marach leisce bualadh fúithe." "Bhuail sé fhéin faoi'n 'mótar' a dheasú, a's mhill sé é, ceart críochnuighthe."

"Níorbh fhlearr do dhuine a bheith an-stuama, le bualadh faoi ghnaithí de'n tsórt sin." "Má's leat bualadh faoi, tá sé in am agad tosuighe feasta."

"Má bhuaileann tú faoi siúd, beidh aithmhéala ort" = má theigheann tú a' troid leis; má thagann tú salach air.

"Siúd é ubhall na h-aithne le bualadh fúithe." "B'fhearr dhuit a' t-adhbharsóir

bualadh fút ná é siúd" = b'fhearr a' diabhal a theacht treasna ort ná é.
"Má bhuaileann sé fúmsa, fágfa mise éagcaoineadh aige" = má thagann sé salach nó treasna orm, cuirfe mé cnead ann.
"'Bullaí' mór a' bhaile seo thiar a bhuail faoi, má tá sé míllte gearrtha mar sin" = sé trodaidhe cumasach an bhaile seo thiar a theangmhuigh leis a's a chuir an bhail sin air. "Cuirfe mé mo rogha geall gurab é M. M. Sh. Bh. a bhuail faoi, má tá sé buailte. Go leige Dia a shlainte dó! Is fada é 'tuaradh an méid sin dhó féin."
"Tarbh a bhuail faoi fadó, a's a d'fhága martruighthe éalannach mar sin le na ló é." "Siúd í an droch-éadail le bualadh fút."
"Má bhuaileann an brothtuinn sin thiar fút, ní fhágfa siad indiaidh 'chéile chor a' bith thú." = má chasann siad leat, marbhócha siad thú.
"Na sidheogaí a bhuail faoi, adeir siad, a's a d'fhága éalann le na loiseag (= ló) air." = na sidheogaí a tháinic treasna air, a's a chuir éalann air, le na shaoghal.
"Deir daoine gurb' iad an sluagh sidhe — diúltuigheamuide dóibh! — a bhuail faoi, oidhche a raibh sé 'teacht abhaile deireannach, a's gur shearg a láimh anuas ó'n dúid dhá mbarr. Má's siad nó nach h-iad, tá a dhóthain ar a duine bocht, ní dhá roinnt leis é."
"Séiplíneach óg a bhuail faoi, a's é ar a' gceird sin, a' bánú tighthe, a's a' déanamh créatúlacht' ar bhaintreabhachaí. Níor chuir a' séiplíneach aon-araoid air, gur ionnsuigh sé fhéin é, idtosach. Annsin dubhairt a' séiplíneach leis, go mbeadh a' féar fós a' fás ar urlár a phárlúis. Tháinic a' méid sin isteach fíor. Níl cloch ar fhuaid a' tighe mhóir indiu."
[scéal faoi thighearna talmhana a ndearna séiplíneach eascanaidhe air, má's fíor].
"Má bhuaileann a' sceannadóir de mhadadh atá ag L. fút, stróicfe sé ó chéile thú." "Chuile fhear a' bualadh fút ach sagart nó póilidhe." = ní miste dhuit cé 'chuirfeas araoid ná aighneas ort, ach gan sagart ná póilidhe dhá dheanamh.
"Deir siad nach bhfuil beithidheach is measa duit bualadh fút 'san oidhche ná'n broc, ní scarfa sé le na ghreím, go n-airighe sé an cnáimh a' pléascadh."
"Ní bhuailfe mé fúithe chor ar bith. Tá sí buille beag ro-thaghdach agam" = ní chuirfe mé araoid ar bith ar a' mbean sin nó ní phósfa mé í, arae tá sí ro-spadhartha, nó ro-olc dhomsa.

"A chailín a bhuail fúmsa trathnóna a's a d'ith mo dhrár
Ba chóir go gcuirfeá cunntas ag na comharsanaí go raibh tú gánn
Marach thú a bheith mío-mhúinte, ní bheadh súil leat i bhfus a's thall
Níor shásuigh féar an fhoghmhair thú! A shompla shalach, fuair tú call!"
[As "an bhó a fuair call" — amhrán greannmhar a rinne Colm
a Bhailís, faoi bhó a tháinic, a's a d'ith a dhrár air]
[Tá de dheifríocht idir "buail fút" a's "buail leat" nó "buail ort" (= cas ort)
ins na samplaí thuas-luaidhte, go mbíonn aighneas, araoid,
nó millteanas i gceist i "buail fút".]

"Buail fút é" = leag é; cuir ar lár é, cuir fút é; cuir in aer é.
"Buail fút é a fhleasca(igh)!" "Bhuail sé é faoi d'aon-iarraidh."
"Níor sheas sé achar a' bith do Sheán, go raibh sé buailte faoi aige."
"Thosuigh an bheirt a' carruidheacht, ach níor thug a' stumpán beag
ionbhadh a' bith dó, gur bhuail sé faoi é, ar a' talamh."
"Bhí sé buailte faoi aige, a's glúin ar a bholg." "Bhuail Pádraig faoi é,
a's sé 'bhí deas air!" "Shoraidh dhíot, má's é a bhfuil de rath leat,
a leithide sin de chimleachán, de do bhualadh faoi!" "Is beag a' stróbh air
siúd Pádraic a bhualadh faoi. Tá dhá chrobh láimhe aige, chomh roighin
leis an iarann." "Níl fear dhá mhéid sa tír, nach mbuailfeadh sé siúd
faoi. Is gearr a' mhoill air é."
"Níl teacht aniar a' bith sa rampaire sin. Tá sé ro-otruighthe le
aon-mhaith a bheith leis. Nach buailte faoi atá sé ag 'chuile dhuine sa tír."
"Thug sé cor choise dhó, a's bhuail sé faoi é, de ghorta gharta,
gur bhain sé an scilling dhi." "Tá féith ó'n tsinnsir ann, má
bhuail sé a leithide sin d'fhear faoi chomh h-aibéil sin."
"Meath do chine aríst a chladhaire! Feiceamuist, buail fút mé!"
"Bhuailfeadh fear a' bith faoi é, dhá n-eirigheadh leis greim a fhaghail isteach
air, ach coinneocha sé siúd uaidh thú le na dornaí."
"Is caol liom é as a chaol-druim, le 'bheith in a charuidhe mhaith.
Cuirfe mise geall leat go mbuailfe tú fút gan stróbh é, ach
an druím a fháisceadh aige." "Shíl sé mé a bhualadh faoi ingan-
fhios, ach ghoin m'aire mé, a's bhí mé deisighthe faoi na chomhair."
"Má eirigheann leis breith isteach chor a' bith ort, tá tú buailte faoi
aige, ar ionntú an tsuip."

Buail suas, buailte suas etc.

Buailte suas = na cnámha a bheith as úsáide; craipliú; a' coinneál a' tighe;

"Tá sé buailte suas ag (le) na scoilteachaí."
"Buaileadh suas ar fad le goirid é, níl sé indon corruighe amach anois chor a' bith." "Tá sé buailte suas ar fad, ó 'bhí an ruaig thinnis sin air, go deireannach." "Tá sí a' fuasaoid faoi bheith buailte suas, a's indomhnach tá sé in am sin aice, 'chuile lá feasta." "Feiceann muide, aos óg buailte suas, ar a' saoghal seo, ní áirmhighim sean-daoine." "'Bhfuil do 'bicycle' buailte suas?"
"Níl neart aige múr báistighe a fhaghail, nach mbíonn sé buailte suas ar fad, ar feadh míosa 'na dhiaidh. Tá sé an-ghoilleamhnach a' duine bocht."
"Ní bhíodh sí buailte suas mar sin, go dtí goirid ó shoin. Deir sí fhéin, gur fuigheall bruithtínighe é. Ní raibh an bhruithtíneach uirre go dtí anuraidh, a's is olc í, le theacht ar shean-duine mar sin."
"Tá mé buailte suas, as na cosa ar fad le seal, ach dheamhan pian ná tinneas orm thairis sin" = níl siubhal an bhealaigh ionnam ag mo chosa, ach dheamhan mairg orm thairis sin.
"As na cosa a bhuailtear suas na sean-daoine i gcomhnuidhe"
"Thóig na bróga nuadha léasrachaí ar mo shála, a's tá mé buailte suas sa siubhal ar fad le seachtmhain" = níor fhan aon-tsiubhal agam le seachtmhain. "Ag mo dhruím atá mé buailte suas. Níl neart agam cor a' bith a bhaint as, nach gcrádhann sé go croidhe mé. Tá sé amhla ó bhain mé an stangadh sin asam fhéin, leis a' mbeart coirce."
"Ní hé a d'fheilfeadh do'n duine bocht a bheith buailte suas, i lár an Earraigh thall, ach cé'n neart atá air."
"Is suarach a' t-iongnadh é 'bheith buailte suas, a's a bhfuair sé de fhliuchán, a's de chruadhtan ariamh. An té a gheobhfas a' fliuchán tiocfa sé roimhe uair eicínt, luath nó mall."
"Léigheann sé an draoi anois ó buaileadh suas é." "Ba chantalach an éadáil é, 'san am a raibh sé buailte suas." "Chuir sé a rúitín as áit, a's tá sé buailte suas, gan aon-choisméig siubhail anois."
"Ní féidir seasamh leis le cantal, ó buaileadh suas é."
"Is fada an lá buailte suas anois é." "Má tá sé buailte suas as na cosa, dheamhan bualadh suas ar a theanga muis" = tá neart le rádh aige. "Tá Meriocá buailte suas sa saothrú" = níl an oiread saothrú ann a's 'bhíodh.

Buailte síos, buaileadh síos etc

Buailte síos = tinn; in a luighe; a' gabhail thrídh ruaig thinnis; aith-thinneas

["Buailte suas" a's "buailte síos". D'fhéadfadh duine a bheith "buailte suas" gan a bheith "buailte síos". Bíonn duine buailte suas le "scoilteachaí", nó tinneas ar bith nach mbíonn sé indon corruighe amach leis. Go h-iondamhail cnámha a bhíos as úsáide. Ach nuair a bhíos duine "buailte síos", bíonn air a' leaba a choinneál, go h-iondamhail, agus is galra nó tinneas cuirp a bhíos igceist].

"Tá sé buailte síos le seachtmhain" = tinn; ruaig thinnis air; é 'coinneál na leapthan. "Bhí biseach aige Dé Domhnaigh, a's d'eirigh sé. Ach bhí sé buailte síos Dé Luain aríst." "Tinneas aithmhéalach é an slaghdán céadna. Ní túisce biseach ag duine ná 'bhio(nn)s sé buailte síos aríst leis." "Má tá Seáinín buailte síos aríst, gheobha sé rud le déanamh, a's srianadh thríd." "Tá sé buailte síos le slaghdán."

"Trí h-uaire imbéal a chéile a buaileadh síos mé, shul dhár chuir mé as mo chrioslaigh é (i.e an "fliú")." "Tá sé chúig seachtmhainí imbéal a chéile buailte síos anois." "Buaileadh síos tinn é."

"Chuir sé an chéad ruaig dhe, ach de bharr an fhliucháin a fuair sé lá an aonaigh, tá sé buailte síos aríst." "Bhí aige, marach an chaoi ar buaileadh síos aríst ar ais é." "Is fánach a' tsiocair a bhí aige. D'fhliuch sé a chosa a' fiadhach, seachtmhain go Domhnach seo caithte, a's ná raibh ann, marar buaileadh síos le slaghdán é. Dheamhan a chos a d'eirigh ó shoin, a's níl gaisce 'bith air, fós fhéin."

"Tá sé buailte síos, le dul 'un trí seachtmhainí. Má's í an eitinn atá a' priocadh leis, tá a chaiscín meilte."

"Níl pian ná tinneas air, ach go bhfuil sé fuasaoid a thaoibh beagáinín. Ach tá sé buailte síos mar sin fhéin."

"Deir tú leis a' sean-fhear a buaileadh síos, oidhche an chleamhnais, go mí-thráthamhail. Cailleadh é seachtmhain 'na dhiaidh sin, a's b'éigean a' pósadh a chuir siar, go ceann míosa."

"Dheamhan a' feasach a' dochtúr, céard tá air, ach an oiread linn fhéin, ach go bhfuil sé buailte síos." "Tá sé buailte síos, a's buailte síos a bheidheas sé, mara bhfuil ag Dia."

"Buaileadh síos ar fad é, ó tháinic an uair ghlas. Sílim go bhfuil a chuid maitheasa ar iarraidh. Ach tá Dia láidir in a dheidh sin!"

Buail amach, buail síos, buail treasna an ghuirt, buail amach etc.
= teirigh; gabh; imthigh; shiubhail [ní baintear leas as "buailte" mar seo]

"Buail amach faoi'n aer." "Bhuail sé amach ar fud an bhaile." "Bhuail sé siar go Conamara ar maidin." "Buailfe mé síos ar cuairt chugad 'san oidhche ambáireach." "Buail isteach a' gabhail abhaile dhuit." "Buail siar ar a' leaba" "Bhuail sé isteach chugainn idir chlár a's chuinneog" = tháinic sé isteach go dtí muid sa teach. "Bhuail sé suas go Muigh Cuilinn indé, a's dheamhan amharc a chonnaic muide air ó shoin." "Buailfe mé amach a' spaisteoireacht ar ball." "Bhuail sé siar thríd an bpáirc." "Tá sé 'bualadh thart a' siorthóireacht" (madadh). "Ní dhéanann sé tada ach a' bualadh soir 's anoir chuig an S." "Buailfe mé siar go dtí an figheadóir ambáireach le snáth liúnta (= leonta) 'fhaghail uaidh, má bhíonn ionbha agam." "Buail anonn go Sasana dhuit fhéin. Is samhaoinighe dhuit é, ná annseo." "Bhuail sé síos ar shlata na Gaillimhe, nuair a chinn air aon-tsaothrú 'fhaghail sa mbaile, a's má bhuail fhéin, níor dhonaide sin é: tá siopa láidir aige anois." "A' mbuailfe tú soir ar an aonach chor a' bith indiu?" "B'fhéidir go mbuailfinn siar ar a' tórradh scaithín ar ball, nuair a bheidheas mé bearrtha, a's mo chuid ithte agam." "Ní bhuaileann sé amach chor a' bith anois" = ní theigheann sé ar aermuidheacht ná ar eirghe-amach a' bith; ní chorruigheann sé ó'n teach. "Buail a chodladh feasta" "'Breagh nach mbuailfeá ar cuairt chugainn corr-uair, nó leisce atá ort roimh an aistir?" "Bhuail mé soir de réir mo choise, a's bhí mé ann ó ló mhór." = ní raibh baoghal air a bheith in 'oidhche 'san am a raibh mé ann, aindeoin nach ndearna mé deifir a' bith, ach a' siubhal liom ar mo mhian. "Pé'rbí cé'n daol a tháinic air an lá faoi dheire, d'fhága sé an gort a's bhuail sé soir tighe E. de ghort a gharta, gur ól sé a sháith go bínn ann." "Is mór a' t-iongnadh nach mbuailfeadh sé amach faoi'n tír corr-uair." "Bhuail sé siar de mhaol a mhainge, go dtí an sagart gur innis sé dhó é. Nach beag a' náire a bhí air. Is mór adéarfaidhe le bean dhá ndeanadh sí é!" "Buail soir faoi (dh)éint a' dochtúra dhó sin." "Buaileann sé isteach 'chuile lá a dteigheann sé an bóthar." "Fuair tú amach é, muis, cé a bhuailfeadh isteach a' breathnú ort" = "sé'n duine céadna adubhairt tú, an duine nach dtiocfadh isteach a' breathnú ar aon-duine." "Shoraidh dhíot nar bhuail soir chuig na póilíos, a's é a fhuagairt dóib. Leabharsa d'eireochad sé as a chuid ropaireachta annsin!" "Tá sé chomh maith dhuinn bualadh chuig an aifreann" "Buail abhaile feasta"

"Bhí sé ar siubhal gur bhuail sé faoi'n tsúil é" = gur shroich sé an áit.
"Is gearr anois go mbuaileamuid Baile Átha Cliath faoi'n tsúil (faoi'n smaois)" = is gearr go mbíomuid ann.
"Ná comhnuigh choidhchin go mbuaile tú faoi'n tsúil é" = na scuir; ná tagadh iabh na forus ort, go sroiche tú ceann scríbe.
"Bhí sé ag imtheacht a's a' síor-imtheacht gur bhuail sé an baile mór faoi'n tsúil." "Ná bain méir de do shróin, go mbuaile tú Gaillimh faoi'n tsúil."

"Bhuail sé a cheann faoi" = tháinic ceann-faoi air; chuir sé a cheann faoi.
"'Céard a bheadh le rádh aice, ach a ceann a bhualadh fúithe" = b'ughdar náire di é. "Bhí a cheann buailte faoi aige, le neart náire."

"Bhuail mé leis thíos ag a' gcladach" = buaileadh air mé thíos ag an gcladach = casadh air mé; tháinic mé treasna air.
"Cá'r bhuail tú air?" = cá'r casadh leat é. "Is fadó an lá nar bhuail mé ar a' bhfear céadna, a's dheamhan a' fearr liom bualadh, ach an oiread le scéal." "Mara mbuailtear orm (liom) ar an aonach ambáireach é, beidh fiannuigheacht air shul dhá fheicfeas mé arís é."
"Bhuail mé in aghaidh" = tháinic mé salach air; cuireadh suas in aghaidh mé (ní chialluigheann sé gur chas mé leis, ná gur bhuail mé air).

"Bhuail sé bean" = chionntuigh sé léithe = chuaidh sé uirre [ciall gháirseamhail].
"Is minic an buille le bualadh í" = bean (ciall gháirseamhail).
"Bhfuil sí ion-bhuailte?" = (ciall gháirseamhail). "Tá sé dhá bualadh leis, 'réir a láimhe" (ciall gháirseamhail). "Tá sí ó bhualadh anois" = bean shean; puis-bhean, a mbeadh aois chloinne scoithte aici. = "Tá sí réidh le í a bhualadh anois." "Bhuail sé geábh (iarraidh, failm, "round", babhta etc) craicinn" = chionntuigh sé le bean. "Tá sí buailte" = tá sí ag iomchur chloinne; tá clann innte; tá clann déanta léithe.
"Tá sí buailte. Sin é anois an gáire mór a rinne sí anuiridh."
"Caoinfe sí anois, má tá sí buailte, ach deir siad, 'nuair a bhíos an gáire dhá dhéanamh, go mbíonn a' caoineadh dhá bhreith'."
"Tá sé a' bualadh craicinn" = (ciall gháirseamhail) = a' cionntú le bean.
"Tá rachmall air, go bhfagha sé craiceann le bualadh."

"Buailim ort, tigim leat" = [ag imirt deis nó báire bheag, nó a' déanamh dhá chomlán le h-aghaidh cluithche, seasann a' dá cheannpuirt amach ó'n sluagh, a's deireann duine aca leis an duine eile: "buailim ort". Freagruigheann a' ceann eile é: "tigim leat". Annsin deireann a' chéad duine: "beidh Ned Phatch agam." Deireann a' darna duine: "beidh Seumaisín Pháidín agam", a's dhá réir sin, go mbí an sluagh ídighthe nó'n dá chomlán lán. "Tigim" adeirtear i gcomhnuidhe sa gcluithche seo is chuile cheanntar, aindeoin go bhfuil "tagaim" i leaba "tigim" i gcuid mhaith áiteachaí sa ngnáth-chainnt. Deirtear "buailim ort, tigim leat" freisin, dhá "n-imthigheadh" fear a's bean le chéile a's gan aon-tsúil leis, nó gan mórán aithne acu ar a chéile; nó dhá dtugadh beirt a' bith taithneamh dhá chéile ar bheagán eoluis; nó dhá mbeadh bean ann a bheadh indiaidh fir, a's é indon í a mhealladh leis ar sheol na braiche].

"Ní raibh 'san imtheacht sin, ach 'buailim ort, tigim leat' mar adeir a' ceann eile." "Tá siad chomh mór le chéile anois le dhá ghaduidhe. Ar a' dá luath a's ar chuir siad aithne ar a chéile, ní raibh ann ach 'buailim ort, tigim leat'."
"Is diabhaltaidhe aibéil a phós siad. Sin é an 'bualim ort, tigim leat' ar chaoi ar bith."
"Dheamhan a bhfuil call dó a rádh léithe anois, thar 'buailim ort', a's beidh sí leis na sála aige, ar sheol na braiche. Is cumasach a' bhuadh a bhíos ag cuid de na daoine."
"Níl ag a' bputach seo thíos a rádh leis, ach 'buailim ort', a's mise imbannaí, go mbeidh an ceann atá annseo, greadtha leis in éindigh leis, le ámhuilleacht a' bith a dhéanamh, a mheabhróchas sé dhó." "Sin é nach raibh i bhfad a' faghail mná sa gcruinniú. Dheamhan a' ndearna sé ach siubhal suas go dtí an céad cheann a chas leis, a's bleid a bhualadh uirre, a's í a árdú leis. Sin é ar chuma ar bith 'bualim ort, a's tigim leat'. Is fada go ndéanfadh fear na h-áite seo é in áit strainséara, ná a leigfeadh an faitchíos dó 'dhéanamh."

"Tuige a bpósfainnse an scóltán, caithte, dóighte, adéarfadh mná le fear nach dtaithneochadh leo(b), a bhuailfeadh cleamhnas orra(b)" (M. Ph. Dh.)

"Bhuail sé cleamhnas uirre" = d'iarr sé bean áithrid
"Bhuail sé bleid orm" = chuir sé cainnt, aighneas, nó araoid orm.
"Is deas uaidh sin bleid a bhualadh ar dhuine, má fhaghann sé an té a thiubhras áirde air" = de ghrádh iarratais nó de ghrádh scéalta a bhuaileas sé bleid ar dhaoine.
"Bhuail sé bleid orm, a' ceapadh go bhfaigheadh sé scéalta, ach dheamhan scéal ná cuid de scéal a d'innis mise dhó."
"Is bladarach uaithe sin bleid a bhualadh ar dhaoine, ach ní ar mhaith leo(b) é."
"Sé'n chéad duine é, a bhuail bleid orm sa gcruinniú indiu."
"Bhuail sé bleid chainnte orm, ar a' dá luath a's a bhfaca sé mé, ach chum mise lán a bhuilg de bhréaga dhó."
"Buailfe sé sin bleid ort, uair a' bith, a fheilfeas sé dhó fhéin, ach má bhíonn duine 'bith ar foghnamh in éindigh leis, ní leigfe sé air fhéin go bhfeicfe sé chor a' bith thú."
"Bhuail sé forradh cainnte orm" = "bhuail sé carra chainnte orm" = "bhuail sé bleid orm" = "chuir sé cainnt orm."
"Cé bhuailfeadh carra chainnte orm indiu thoir ar an aonach ach S. B." "Ní túisce a bhí mé istigh sa teach ná bhí carra chainnte buailte aige orm." "Nach maith a chaithfeadh sé a chleite fhéin a bhualadh isteach sa gcomhrádh." = rud eicínt a rádh é fhéin.
"Bhuail sé a chleite fhéin isteach sa gcomhrádh, ionnann's dhá mbadh duine foghlumta é, fearacht a' chuid eile." = "bhuail sé a ladar fhéin ann." "Ní raibh an scéal ceart ariamh muise, go mbuailfe tusa do ladar fhéin ann" = millfe do chuidse cainnte, nó'n rud a dhéanfas tusa, an scéal ar fad.
"Níor iarr duine 'bith ortsa do ladar fhéin a bhualadh ann".
"Nach maith a chaithfeadh sé a ladar a bhualadh ann, a's nar bhain sé dhó chor a' bith." "Déanaidís féin a rogha rud. Ná buail thusa do ladar ann, chor a' bith." "Ní raibh sé in a phraiseach ceart ariamh muise, go mbuaile tusa do mhéir ann" = "ní raibh an scéal in a chior-thuaithbhill ariamh, go dteighe tusa a' pléidheadh leis." "Ná buail thusa do ghob ann, ar chuma ar bith" = ná bíodh aon-bhaint agadsa leis, ar aon-chor; ná cuir do ladar sa scéal chor a' bith. "Níorbh bheo thú go mbuailfeá do ghob ann, a's tuille de'n tubaiste agad, má chuaidh leat." "Bhuail sé coc achrainn orm" = thosuigh sé a' baint achrainn asam. "Bhuail sé achrann air, chomh luath in Éirinn a's 'chonnaic sé é."

buailte ar = an-ghar, an-chomhgarach dhe; in a ghaobhar; indáil leis ["buailte leo in áiteacha ar an Achréidh]

[Is beag leas a baintear as aon-fhuirm eile de'n bhriathar sa gcéill seo, cé's moite de "buailte". Ach bíonn an chiall seo leis as éadan, go fiú's ag lucht an Béarla, sa mbreac-Ghaedhealtacht — "his house is beaten up on mine."]

"Bhí sé buailte orm" = bhí sé an-ghar dom, nó lem' ais.

"Tá sé in a chomhnuidhe buailte orm. Is comharsanaí béal-doruis muid." "Nach bhfuil teach a' phobail buailte air annsiúd?" "Aindeoin go bhfuil a' portach buailte ar a' teach aige, ba gann gortach í a theine." "Níl sclábhuidheacht a' bith sa mbaile siúd. Tá'n mhóin a's an fheamuinn buailte orra(b)." "Bhéarfainn lom-lán a' leabhair gurb é a bhí ann, arae, bhí mé buailte air. Chaithfeadh sé gur bhain mearbhall eicínt dom mar sin fhéin." "Tá'n teach ósta buailte air anois: Coiscfe sin aistear dhó 'chuile thrathnóna!" "Bean a bhí buailte air fhéin annsiúd, a phós sé." "Aindeoin an scoil a bheith buailte orra(b), is túisce a bhíos chuile ghasúr sa tír istigh ná iad." "Is furasta dóib sin a gcuid slighe a chuir dhá lámha. Nach bhfuil a' margadh buailte orra(b)." "Tá sé buailte ar a' mbaile mór."

"Tá'n dá theach buailte ar a chéile, a's tá siad in árrachaí 'chéile 'na dheidh sin." "Bhí mé ionann's buailte air, a's dheamhan a bhfaca sé mé in a dhiaidh sin." "Ní thaithneochadh liom a bheith buailte ar a' mbaile mór mar sin. B'fhearr liom i bhfad amach faoi'n tuaith."

"Deir tú léithe a bhí buailte orm sa gcruinniú, ach dheamhan a cos a d'aithin dhíom, th'éise sin. Is deacair a rádh nach bhfuil sí sin caoch." "Tá a theach buailte ar a' gcladach. Is beag nach bhféadfadh sé an bád a fheistiú ar a' teallach."

"Ní fhaca tú aon-teach ariamh, atá chomh buailte ar a' mbóthar leis. Tá'n bhínn ó dheas amach ar a' mbóthar ar fad. Shílfeá go mbadh deacair dhóib aon-néal a chodladh ag fothramán 'san oidhche." "Níor mhór dhom a bheith buailte ort anois, le thú a chloisteáil, tá mé chomh bodhar sin, le scath(amh)."

"Tá a chloigeann buailte ar a' mbóthar, tá sé chomh cromta sin anois." "Tá a cheann buailte ar a' talamh, tá sé chomh sníomhtha sin ag obair." "Tá a cheann buailte ar a chosa le obair."

"É buailte suas liom" = bun ar-aon liom; lem' ais.
"Bhí sé buailte suas leis a' taobh agam ar a' toirt."
"Is gearr a chuaidh mé go raibh sé buailte suas leis a' taobh agam aríst."
"Chonnaic mé a' gabhail soir a' bóthar é, a's rúisc mhór de bhean buailte suas leis a' taobh aige." "Dhíbir mé uaim é, ach ba gearr aríst go raibh sé buailte suas le m'ais" (liom, in m'aice etc.)

"Tá tú buailte aige" = tá'n ceann a's fhearr faighte aige ort; tá tú sáruighthe aige; tá tú buailte amach aige [féach "amach"]; tá tú scoithte.
"Tá Seán buailte aige a' caith(eamh) cloiche neart." = tá Seán sáruighthe aige.
"Bhuail an ceann se'aghainne 'chuile dhuine aca(b) leis a' nGaedhilge" = b'fhearr í ná iad leis a' nGaedhilge (i scrúdú, ag feis, etc).
"Tá tú fhéin buailte amach aige leis a' gcodladh, a's ní beag sin" = is fuide a chodluighea(nn)s sé ná thú.
"Tá 'bhfuil ar a' mbaile buailte aige 'san obair" = is fhearr, nó is dúthrachtaighe ag obair é, ná duine ar bith eile ar a' mbaile.
"Bhuailfeadh sé a bhfaca tú ariamh le sainnt, a's uathbhás" = sháróchadh sé.
"Mara neartuighe tú ar do mhaidí, a's dúthracht a chaith(eamh) le do chuid leabhar, buailfe sé amach thú ar ball"
"Is deacair an fear thiar a bhualadh le bréaga." = tá sé go maith ag innseacht bhréag; ní thagann iabh a' bith air, ach a' déanamh bréag.
"Do chumhachta cinn, ní bhuailfeadh M. le nathaidheacht."
"Tá do chuid bainbh buailte amach ag mo chuid-se." = is fhearr a' t-ordú atá ar mo chuid-se ná ar do chuid-se; is mó an biseach atá fútha.
"Bhuail a' samhradh an geimhreadh fhéin le gairbhshion." = sháruigh sé.
"Buailfe sé amach na céithearnaigh móra seo thíos, leis an aimsir" = beidh níos mó maoin nó airgead aige ná acu-san. [féach "céithearnach".]
"Tá mná an bhaile buailte amach aice le olc a's gadhruigheacht ach cá bhfágfadh sí é!" "Gheobha sé rud le deanamh a's an t-athair a bhualadh amach le an-tlás choidhchin."
"Buaileadh a mhac seisean sa gceisniú a cuireadh orra(b), a's ina dhiaidh sin, fuair sé uain a' gabhail sa gcoláiste.
Má's eadh, is caraideachaí, a's fabhar a rinne dhó é, a's ní foghluim." "Deirimse leatsa, gur ar a chruadhchúis dó, S. a bhualadh a' tuigheadóireacht."

Bualadh [ainm-fhocal] = sárú; cinneamhaint; ceann is fhearr

"Níl a bhualadh ann = "níl a 'better' ann" = "níl a shárú ann = "níl aon-chinneamhaint (cinneadh) leis" = "níl sárú (bualadh) in a chionn.

"Níl do bhualadh fhéin sa tír leis a' gceird sin." "Ní raibh a bhualadh scathamh sa bparáiste a' caith(eamh) clo(iche) neart nó uird."

"Níl a bualadh ann; dhá mbeadh an oiread eile ann, le breaghaichte."

"Is mór a' rud le rádh é, nach raibh a bhualadh sa gconndae scathamh, a' carruidheacht, ach sé lom-chlár na fírinne an méid sin."

"Síleann a máthair nach bhfuil a bualadh sa bpobal, mar bhean tighe, ach ní éadáil mhór 'moladh na máthar ar an inghin'."

"Níl bualadh a mhic 'sna seacht bpobail, ar scaibhtéaracht, a's ar mhío-nós. Tá sé tugtha suas dhó ag chuile dhuine dhá gcasfa leat."

"Is deacair a bhualadh 'fhaghail le bradghail. Ghoidfeadh sé an chrois de'n asal, a's an t-asal fhéin in éindigh léithe."

"Dhá gcuirtheá slat ar Éirinn, níl a bhualadh sa méid sin, le gráiscínteacht, a's gársamhlacht. 'Séard a bhí le déanamh leis an pus a dhathú dhó, nuair a thosóchadh sé ar a' gceird sin, ná d'aonduine eile a bheadh ar a bhealach."

"Shiubhailfeá shul (dh)á gheobhfá bualadh Sheáin, ar a' gcaoi sin. Níl bréag a' bith, nach raibh sé cóir faoi'n rud a bheadh aige."

"Níl a bhualadh le faghail mar ealaidhe ban" = tá sé thar cionn a' cur na cluanach ar mhná; bíonn sé i gcomhnuidhe a' rathluidheacht ar mhná.

"Dhá ndéanadh cainnt casóg, ní bheadh a bhualadh le faghail. Cainnt ar fad é."

"Ní raibh a bhualadh ann ag ól cuid duine eile, ach ní fhaca diathshúlach aon-deor uaidh fhéin ariamh sa saoghal." "Is fada 'shiubhailfeá, go bhfaightheá a bhualadh a' cumadh bréag, a's saghdadh daoine" (i.e. 'un achrainn). "InDomhnach níl a bhualadh sa bpobal leis a' gceird sin, ach is beag a' samhaoine dhó an cheird sin le beatha a shaothrú." "Ba bheag a' baoghal orra(b) é 'ghlacadh marach go rabh fhios aca(b) nach raibh a bhualadh le faghail a' báirtheoireacht."

"Ní feasach dom go barrainneach, céard is cor dhó a' siúinéaracht, ach is feasach dom, nach bhfuil a bhualadh ann le scaibhtéaracht."

"'Bhfuil a bhualadh sin agad?" = ag imirt chártaí, nuair a d'imreochadh cearrbhach
righ-chárta nó cárta réasúnta, d'fhiafróchadh sé
de chearrbhach eile roimhe "a raibh a bhualadh sin aige".
"Mara bhfuil a bhualadh sin agad, tá mé amuigh."
"Mara bhfuil bualadh an Rí agad, is bun-amuigh é, arae, tá'n
cíonán agam annseo." "Ní chasfaidhe bualadh na bainrioghna
agad?" "Dheamhan a' féidir dhuit, nach bhfuil bualadh an 'dó-ín'
agad?" "Má bhí bualadh an naoi agad, breagh ar leig tú
isteach biorach é?" "Nach feidheartha a bhí tú, nach raibh
bualadh sé heairt agad!" "Níl bualadh tada agam. Dheamhan
thiomanta mámh a' gabhail liom." "Chuirfinn isteach a' trí,
marach gur dhona liom é, a's shíl mé go mbeadh a bhualadh aige."
"Bhí bualadh an deich agam, cheart go leor, ach ba
mhór liom í a chuir amudha leis — an cuileata!"
"Bhí bualadh an naoi agam, chomh deas a's déarfá liom é, a's
leig mé tharm é, in a dheidh sin, a' cur an fhir seo thall in
a chúig má b'fhíor dhom fhéin. B'éigean dom é a chaitheamh
idtraipisí sa deire, gan tada dhá bharr."
"Ná bac le mámh! Ní raibh bualadh an dráimh fhéin agam!"
"Dheamhan a 'dtiocfá annsin aríst le do dheich salach, dá mbeadh
a bhualadh agamsa."

"Bhí bualadh na bainríoghna agam, ach scaoil mé léithe, a'
faireadh ar thuitim imeartha." "Seó leat! Níl aon-bhaint
agham duit! Níl do bhualadh agam." "Dhá mbeadh do bhualadh
fhéin agam anois, ní thiocfainn imbarr do chúig ort. Is
maith atá sí saothruighthe agad." "Mara bhfuil a bhualadh sin
agad, is liom a' bun." "Cluiche glaice é. Ní raibh bualadh
aon-chárta a' gabhail leat ag a' gclár."

"Bhuailfinn a' cuileata, marach faitchíos go raibh an t-aona
heairt ag a' bhfear thall, a's go sciorrfadh sé amach ar a
chorr." "Is mairg dhuit nar bhuail a' t-aon, ó fuair tú
fút í. Tóigeadh 'chuile dhuine a chúig féin annseo."
"Bhuailfinn a' seacht ach a' súil go leanfá-sa é."

"Buail rómhat", "a' bualadh roimhe." = (i) a' bualadh chuile dhuine is túisce agad, i gcruinniú, idtroid etc. (ii) cleas nó ámhuilleacht a bhíonns ar siubhal amanntaí ag scurachaí. Buaileann duine acu fadhb ar a' duine len' ais a's deireann sé "buail romhat". Buailfe an dara duine an tríomhadh duine annsin, a's dhá réir sin go deire. Ní dóigh cleas dóib as a dheire, ná achrann dáiríre a theacht eatorra, as.
(iii) imtheacht nó rámhóireacht indiaidh do chinn rómhat.
"Má thosuighim, buailfe mé rómham" = buailfe mé chuile dhuine is túisce agam. "Bhuail sé roimhe ar fud a' tighe, a's níl aon-iarraidh dhár thug sé uaidh, nar fhága sé fear ar lár." "Tá sé an-uathbhásach idtroid. Ní fhanann staidéar a' bith ann, a's séard a dhéana(nn)s sé tosuighe a' bualadh roimhe." "Má chuireann sin aon-olc orm anois, ionnsócha mé a' bualadh rómham, a's buailfe mé an fear abhfus faoi'n bhfear thall, a's ní chomhnócha mé go ndéana mé carnáin dá gcloigne, dá gcolainneachaí, a's dá gcosa."

"Bhuail sé roimhe an bóthar, gur casadh chuig comh(n)gar na gceithre ród é." "Bhuail sé roimhe, nó go raibh neoin bheag, a's deire lae ann, an capall ag gabhail ar scáth na cupóige, a's an chupóg a' gabhail do'n Domhan Soir. Chonnaic sé i bhfad uaidh a's ní ingar dó; botháinín beag, nach raibh bun-chleite isteach ná barr-chleite amach air, ach aon-chleite amháin a' déanamh fasca a's dídin dó" [as sean-scéal — "An fear gearr glas"]
"Bhuail sé roimhe siar a' dúirling, gan 'thú' ná 'mé' a rádh le aon-duine." "Bhuail sé roimhe, a's gan fhios aige cá raibh sé a' gabhail." "Buailfe mé rómham, a's gheobha mé dídean na h-oidhche in áit éicint. Is fhearr dhom é, ná 'bheith reicthe ag paicle istigh annseo, nach dtiubhra aon-su(a)ímneas dom, maidin ná trathnóna." "Dhá mbeadh breith as dá roghain agam air, b'fhearr liom bualadh romham, a's shaothróchainn mo bheatha in áit eicínt, arae tá'n áit seo a' gabhail i m'aghaidh ar fad, ní ceasacht ar Dhia é. Ach níl aon-ghoir agham corruighe, ingeall ar a' tsean-bhean.

Bhuail = shroich; tháinic go dtí … ; bhain amach.

"Bhuaileadar tír i gCasla" = "tháinic siad go Casla idtír [bád a bhí ag imtheacht léithe faoi thoildeona dé ar fairrge]. "Cé'n áit a mbuailfeadh muid tír anois, dhá dteigheadh muid díreach." "Bhuail na Fianna tír i gcrích Lochlainn." "Ar a' dá luath a's ar bhuail sé tír thall (in Ameriocá) chuaidh sé ag obair, a's ní raibh sé lá ná leiceann, in a chomhnuidhe, ó shoin." "Chaitheadar coigcighthis ag imtheacht sa sruth, faoi thoildeona Dé, ach faoi (dh)eire, a's faoi (dhe)óidh, bhuail siad cladach in áit eicínt amach 'sna réigiúin choimhthigheacha" (daoine a tháinic slán as báthadh luinge).

"Níor chomhnuigheadar gur bhuaileadar cuan a's caladh sa domhan thoir."

"Chuaidh beirt as an áit seo fadó, amach ar a bhfeatha mhóir (meath?) ag iascach cholmóirí. Ná raibh ann mara dtáinic sé in a lom gaoithe aduaidh orra(b), a's b'éigean dóib leigean leis a' mbád iomramha gur bhuail siad tír imBaile Uí bhFiadhcháin i gConndae an Chláir. Ach níor chás dóib é, ó bhuail siad tír in aon-áit."

"Dhá seolthá siar amach a' teiscin mhóir taobh thiar d'Árainn, bhuailfeá tír (cladach, cuan, talamh) i Meriocá."

"Thairg sé iomlucht treasna cuain dóib, ach tháinic gaoth bhuird air, ach níor bhuaileadar tír ag a' gcaladh thall chor a' bith."

"D'fhága muid Gaillimh ar leath-thaoille na maidne, a's bhuaileamar Cill Ronáin taca an h-aon a chlog." "B'fhurasta duine an talamh ó thuaidh a bhualadh ó ló, dhá mbeadh cóir aghainn" [talamh ó thuaidh — sin é thuga(nn)s muínntear Árann ar Chonamara].

"Neartuigh an ghaoth orainn, a's chinn orainn an cladach thall a bhualadh 'san áit a shíl muid." "Bhuail siad tír ar a' Matal."

"'An dárna lá fichead d'Fhoghmhar, seadh 'chuir mé mo Chríonach
'un seoil
Níor iomchuir sí leath a cuid éadaighe, a's bhuaileamar Árainn ó ló'."

[sliocht as "An Chríonach" — amhrán de chuid Chonamara]

"'Bígí buidheach má bhuaileann sib caladh in aon-áit' adeir sé. "'Tá'n gála an-ghártha'." "Thug Dia dhuinn, gur bhuail muid caladh shábhála i gcéibh a' Spidéil, shul dhár neartuigh an ghaoth. Marach sin, ní shrianfadh muid siar choidhchin é, a's chomh mór a's bhí an lá."

"Bhí siad dhá mbocáil síos a's suas imbárr tuinne, a's gan iad indon caladh a bhualadh in aon áit."

Long nó bád buailte = dhá gcastaí long nó bád ar
charraigh, ar churraigh, ar sceird, nó ar thanuidheachan, nó áit ar bith
nach mbeadh a dóthain uisce snámha aice, nó nach mbeadh sé in
araidheacht corruighe as déarfaidhe go raibh sí buailte.
"Tá soitheach mór buailte ar Charraig a' Mhatail, de bharr gála
na h-oidhche aréir." "Buaileadh soitheach ar Charraig Bhéal
Trágha annsin thíos fadó, a's chaith sí ráithe ann, sul ar
féadadh í a thabhairt as." "D'fhuadaigh an gála isteach
ar thanuidheachan í, nó gur buaileadh í, imbéal na trágha."
"Is maith an t-ádh a bhí orra(b) nach ar a' mBrann(t)ra a buaileadh
iad, nó dheamhan as a thiocfaidís go h-éag."
"Long luchtaighthe le ór a buaileadh ar chladach na bhForbachaí fadó.
Tárluigheadh a' t-ór aiste go Garrdha na h-Iliúir(?), a's tá'n ciste
faoi dhraoidheacht annsin ó shoin." "Dhá mbuailtí an bád sin ar chladach
dána, dhéanfaidhe mionúthach de chuile mhíle ball a' gabhail léithe."
"Ar thráigh gainimh a buaileadh a' luing, a's ní raibh aon-ghoir
aice é 'fhághail, arae bhí an rabharta a' cúlú, a's ní raibh
a díol uisce snámha aice. Tharraing luing eile as í, faoi
dheire, le griféid mhóra." "Níor airigh siad ariamh gur buaileadh
an bád ar leic imbéal a' chuain. Nach h-iad a bhí
neamh-áirdeamhail anois, nar thug faoi deara an leac,
a's seoladh glan uirre." "Bhíomuid a' seoladh le cloich, a's
é 'cínnt orainn í a thabhairt 'un fairrge, a's dheamhan
a' rabh fhios, cé'n puinnte a mbeadh muid buailte."
"Soitheach mór a buaileadh ar an gcladach ann, a's dheamhan thiomanta
nídh a' gabhail léithe, nar árduigh muinntear na mbailteachaí
aisti. Tá a sliocht orra(b): tá éadalachaí aca(b) ó shoin dhá barr."
"Buaileadh soitheach faoi íochtar an bhaile, aimsir stoirme, a's is
beag nar chaill oigiséad fíona a bhí innte, a raibh 'san áit.
Bhí déanta le bás J. N. ach tháinic sé as 'na dheidh sin.
Ó'n lá sin, go bhfuair sé bás níor bhlas sé d'aon-deoir óil, ach cérbh
iongnadh sin: 'an té bhuailtear sa gceann bíonn faitchíos air'."
"Dhá dtagadh gairbhshion nó gála breagh a bhuailfeadh sean-
soitheach eicínt ar a' gcladach, a's lucht biotáille innte, le go
bhféadfadh na daoine ceas a chuir orra(b) fhéin leis in aisce!"

"Bhuail an ghaoth … " = tháinic an gaoth salach orainn etc = d'eirigh an gaoth in ar n-aghaidh etc. = neartuigh an ghaoth orainn.

"Bhuail gaoth andeas iad leath-cuain, a's b'éigin dóib rith cladaigh a thabhairt do'n bhád" = "bhuail gaoth bhuird a' bádóir, a's b'áidhbhéil a' liosta a bhí ar a' mbád aige. Bhí maoidhmeanna a' teacht thar bord isteach." "Anoir ag D. L. bhuail gaoth leath-taobhach muid, a's dhá mbeadh sí in ar n-aghaidh, chaithfeadh muid chuile choisméig di a shiubhal abhaile."

"Bhuail cuaibhtheach de'n ghaoth timceallach sin mé ar árd J. S. a's dheamhan mórán a' bith, nar árduigh sí idir chlár a's chuinneog de lom a' bhóthair mé."

"Bhuail sinneán mé ar a' bportach indiu, a's tabhairt sinneán air! Marach chomh maith a's thapuigh mé é, bheadh an t-asal scuabtha le fánaidh sa bportach aige." "Bhuail siota mé thuas ar a' gcoca, a's bhí faitchíos m'anama orm, go mbuailfeadh sé an coca a's mé fhéin druim ar ais."

"Marach chomh maith a's bhí na bádóirí ar a maidí, gheobhfaidís rud le déanamh ó'n gcuaibhthigh sin a bhuail iad, a' teacht aniar le cloich." "Is deacair do bhádóirí na glas-chuanta sin a mharuidheacht chor a' bith. Buaileann cuaibhtheachaí iad, a's ní mór dóibh a bheith ar a n-áirdeall fhéin thar cionn."

"Níl uair a' bith is measa sinneán ar a' bhfairrge, ná le linn cailm' shamhraidh. Dhá mbuaileadh ceann de na cuaibhtheachaí sin bád ar aimsir mharbhthánta, bhí a cnaipe déanta deirimse leat." "Ar ín ar éigin a bhí muid indon é a mharuidheacht chor a' bith, ag na cuaibhtheachaí a bhí dhá(r) mbualadh."

"Buail fút annsin thall a's leig do scíth" = suidh fút; suidh síos.

"Breagh nach mbuailfeá fút in áit eicínt, a's gan a bheith a' guairdeall anonn's anall mar sin."

"Tá … buailte" = loicthe; crannda; 'un deire; gan fás gan biseach faoi (fútha) etc; gan forás; gan maith gan maoin.

"Tá fataí buailte imbliadhna" = gan aon-fhás; loicthe; ní bheidh aon-rath ar a' mbarr fataí imbliadhna [ní baintear as aon-fhuirm eile cé's moite de "buailte"]. "B'fhurast aithinte go mbeadh fataí buailte. Ar ndú (= ndóigh) níor buaileadh aon-deoir bháistighe ar a' gcur óg ó chuaidh sé i dtalamh, gur baineadh arís é." "Tá'n cur buailte imbliadhna, nidh nach h-iongnadh. An t-am a raibh mé a' cur an chúilín thoir sa bpáirc sin thuas, bhí na fóide buird i gcruth a ndóighte, a's ba bheag ab fhiú ar chaith sé de bháisti(gh) ó shoin." "'Sí bliadhain na móna í, ach beidh an bárr buailte." "Tá mo chuid 'meaingeals' as éadan buailte. Níor tháinic ionga ná ordlach orra(b) le mí, pé'rbí cé'n fáth é." "'Beet' bhuailte í mar 'bheet' i mbliadhna."

"Níl tada buailte imbliadhna ach féar" = níl tada 'un deire imbliadhna ach féar. "Shílfeá nach mbeadh a' cur chomh buailte a's atá sé. Fuair sé bliadhain chóireamhail" = níor cheart do'n chuir a bheith chomh crannda ná chomh dona a's atá sé. Bhí an aimsir feilmheanach dhó.

"Is suarach a' t-iongnadh go bhfuil a' cheapach phlanndaí sin buailte, arae, ní dheacha leasú 'bith orra(b)."

"Dubhairt mé leat an lá ar innis tú dhom, go gcoisne(ochth)á an garrdha sin, nar mhór dhuit brat múirín a chuir air, nó go mbeadh a' féar buailte ann. Nach bhfeiceann tú fhéin anois go bhfuil." "Fágfa an uair seo féar buailte, ach grásta Dé" = (droch-aimsir). "Garrdha tirm a bhí ann, a's chaithfeadh a' cur a bheith buailte ann, a's chomh fliuch a's 'tháinig an bhliadhain."

"Beidh na daoine buailte ar fad, mara bhfagha siad aon-tsaothrú" = beidh na daoine in ainriocht nó in an-chaoi, nó gheobha siad a gceart le déanamh, a's maireachtáil.

"Beidh mé buailte mara dt(e)aga sé indiu." "Beidh sé buailte ar fad anois, a' duine bocht, má eirigheann aon-cheo do'n chapall air."

"Tá na daoine buailte, ó h-eirigheadh as a' 'dole' sin."

"Tá'n áit seo buailte, nach bhfuil duine 'bith ann, le labhairt ar a son, le saothrú ná obair a tharraingt ann."

"Ní raibh muid buailte ariamh go dtí anois, mara mbí cead imtheacht'

ar na beithidhigh." "'Séard a d'fhága an tír seo buailte,
nuair a bacadh na daoine faoi dhul go Ameriocá. Badh í sin a' tír,
an fhad a's sheas sí; ach 'ní mhaireann a' rith maith do'n each i
gcomhnuidhe' adeir siad."

"Tá'n baile seo buailte, nach bhfuil aon-chom(n)gar portaigh
aca(b), ach a dhul trí mhíle timchill." "'Sé'n talamh atá
'fágáil na h-áite seo buailte. Dá bhfhéadtaí cruithneacht
a's 'beet' a chur annseo, fearacht an Achréidh, ní bheadh
ughdar clamhsáin a' bith ag na daoine." "Sér'd atá dom'
fhágáil buailte ar fad, nach bhfuil aon-deis agam, ach srathar
a's cléibh leis a' móin a tharraingt abhaile." Beidh daoine bochta
buailte, mara mbí aon-imtheacht ar an eallach feasta."
"Ní raibh daoine chomh buailte ariamh; a's atá siad ar ala na
h-uaire. Cuid de na daoine nach bhfuil aon-chongnamh aca(b),
ná é aon-duine leo(b) a' saothrú, is deacair dóib, cúis a' bith
a dheanamh. Tá fear na muirghíne buailte freisin."
"Tá lucht a' tsléibhe buailte, ó b'éigean dóibh eirghe as a' bhfuisce.
Cé'n tslighe eile a bhí aca(b)?" "Tá'n ghliomadóireacht
iarmhuiseach go leor, ach tá iascairí buailte, arae dheamhan
a shúil le fághail ar a' gcaoláire (i.e. Cuan na Gaillimhe) nach
bhfuil dealuighthe leo(b) ag na 'trollers' Franncacha."
= tá solamar le baint as gliomaigh, ach níl tada de bharr
na h-iascaigh. Tá 'bhfuil d'iasc ar a' gcuan scuabtha leo(b)
ag na báid Franncacha.
"Tá fuigheall na bhfuigheall ag fir oibre 'sna bailte móra ó
chuaidh an 'gobhairmint' seo isteach, ach 'siad na feilméaraí
atá buailte." "Is dona an ceart an feilméara a bheith
buailte, arae marach é, ní dhéanfadh duine 'bith sa tír
aon-ghna(ithe). Nach hé atá dhá dtógáil uileag?"
"Tá'n tír seo buailte ó caitheadh amach an té a sheasfadh
ceart a's cliú dhi. Ach tuille ghéar do'n d-l acu! Is maith an
aghaidh orra(b) é." "Tá muinntir a' phobail seo buailte
d'uireasbha siamsa ná cuideachta a' bith, ach go mbuaile an d-l
i gcuinc an mhuiníl iad! Nuair a bhí áit damhsa acab, níorbh bheo
iad gan a bheith a' troid a's ag achrann, go mb'éigean é a dhúnadh
suas!"

"'An té 'bhíonns thuas óltar deoch air
An té 'bhíonns thíos buailtear cois air'." [sean-fhocal]
"Is amhla a bhí sé ariamh: 'an té' bheadh thuas, d'ólfaidhe deoch air, a's an té a bheadh thíos bhuailfidhe cois air'." "Is furasta cois a bhualadh ar dhaoine dona." = is furasta créatulacht nó éagcóir a dhéanamh orra.
"D'eile céard a dhéanfaidís leis! Ar chuala tú ariamh é 'an té a bhíonns thíos buailtear cois air." "Buailtear cois ar dhaoine bocht i gcomhnuidhe." "Nach éasca leis cois a bhualadh ar dhaoine" = iad a chuir faoi na smacht fhéin, nó éagcóir a dhéanamh orra.
"B'fhurasta do thighearnaí a's dhá gcois-mhuínntir cois a bhualadh ar na tunóntaí, a's ar na daoine bocht', an tráth sin. Ach míle buidheachas le Dia gur imthigh an saoghal sin, a's nach bhfuil an duine bocht faoi chumaoin ag aonduine anois faoi na chuid talmhana."
"Ba mheasa na gíománaigh a's an chois mhuinntir a bhí ag na tighearnaí móra sin, ná iad fhéin. Bhí cois buailte acab ar a' tunónta uair a' bith a d'fhéad siad é." "Bhí siad (i.e. na Sasanaigh) fada go leor a' bualadh coise ar mhuinntir na tíre seo, ach dheamhan mórán spleadhchais ag muinntir na tíre seo leo(b) anois. Míle buidheachas le dia go dtáinic sé sa saoghal!" "Má abruigheann tú smid a' bith nach dtaithneocha leis, dheamhan aige ach cois a bhualadh ort, a's céard fhéadfas tú 'dhéanamh." "Tá cois buailte ag a' sagart céadna ar 'chuile dhuine, a chuirfeas tada in 'aghaidh, agus is mór a' t-ár é le aghaidh a bhéil a tharraingt ort." "Tá cois buailte aige ar a' bhfuil sa teach, a's muid reicthe sceannta aige 'chuile ré soluis." "Daoine dona a thiubhradh cead dó cois a bhualadh orrab. Dhá mbeadh splannc a' bith fir i gceachtar agaibh, chuirfeadh sib néal air, le iarraidh." "Dar ndoigh, níl spioraid a' bith ionnaibh, má thugann sib cead a chinn dó, cois a bhualadh orraibh mar sin." "Is furasta dhó cois a bhualadh ar mhuinntir na h-áite seo, mar tá airgead amuigh aige ar 'chuile gheinealach sa tír." "Ní raibh cois dhá bhualadh ar na daoine ariamh, go dtí anois muis. Is gearr a bheidheas a sheasamh againn mara bhfuil ag Dia."

Bualadh (éisc) = freagairt; tugtha do phriocadh an dubháin; a dhul i bhfastódhas sa dubhán; marbhú ar an iasc. "Níl aon-bhualadh ar an iasc indiu" = níl a' t-iasc a' dul i bhfastódhas 'sna dubháin; níl aon-phriocadh ná aon-fhreagairt le faghail ag iascairí. "Ní fhéadfadh aon-bhualadh a bheith ar iasc indiu. Tá'n lá ro-gheal." "Lá dorcha is fhearr a bhío(nn)s bualadh ar an iasc." "Dheamhan a shúil a d'airigh mé ó sheas mé ar a' gcarraig. Ní raibh bualadh a' bith air." "Níor chaith mé ach cupla urchar iascaigh, arae níor airigh mé aon-bhualadh air." "Ní fhéadfadh aon-bhualadh éisc a bheith ortsa, arae ní bhuailfe an t-iasc an baoite atá agad — portáin. Má's leat aon-chúis a dhéanamh, ní mór dhuit logaigh a's péiste ruadha a fhaghail." "Bhí an-bhualadh ar chinn-chruacháin, a's ar mhárlaí Cháit, ar Charraig Mhurrchadha, ach níor eirigh breac ar foghnamh 'bith liom." [Ceanna (nó cinn) chruacháin, a's márlaí Cháit = iasc beag gan mhaith. Go h-iondamhail, tugann a' t-iascaire an poll amach arís dóib]. "Bhí mé 'marbhú bromóg chomh tréan in Éirinn a's bhí mé indon baoití a choinneál leo(b) i gcaitheamh uair a' chluig, ach níor fhan bualadh a' bith ar a' gcarraig uaidh sin amach." "Fuair mé neart priocaí, a's bhí na dubháin sciúrtha 'chuile uair dhár tharraing mé an dorugha, ach cé'n mhaith sin, arae ní raibh bualadh a' bith orra(b)." "Bhí neart aireachtála (i.e. freagairt, priocaí), ach ní raibh bualadh a' bith." "D'fhan mé ann go raibh an charraig ionann's folcuighthe, ach badh aon-mhaith amháin dom é, ní raibh a dhath bualadh ar an iasc." "Níl aon-bhualadh éisc orm indiu" = níl aon-ádh éisc orm; níl aon-chonách éisc orm. "Ná fagh caidéis a' bith dhom anois, le faitchíos, nach mbeadh aon-bhualadh éisc orm" (iascaire, le duine a chasas dó faoi bhealach, a's é 'dul ag iascach). "Mara dtaga aon-bhualadh orra(b) anois leis a' taoille tuileadh, tá siad réidh leis indiu." "Bhí báiridheachaí éisc ann thar a chéile, ach dheamhan bualadh a bhí ar na h-eangachaí ina dheidh sin." "Ní bhíonn aon-bhualadh éisc ghlais ar na glas-chuanta sin. Sa tsean-fhairrge is mó a chothuighea(nn)s siad."

"Sa bhfoghmhar a bhío(nn)s an bualadh ar an iasc glas." "Níl mórán bualadh ar an iasc mór sa stupóig. Chaithfeá a dhul ar a' bhfeatha mhóir leis." "Bhí bráite maith aghainn, a's ní raibh aon-bhualadh thairis sin, ar an iasc, in a dheidh sin." "Níl aon-bhualadh ar aon-bhreach annseo. Sílim nach dóigh maith breac é. Tá'n iomarca gainimh ann." "Bhí an-bhualadh ar na runna(igh) 'sna h-eangachaí (líonta) anocht." "Bhí bualadh chomh mór sin ar an iasc glas, a's go gcaithfinn tharm iad, gan stróbh a' bith, dhá mbeadh líon-cléite agam." "Tá bualadh ar iasc glas annsin amuigh, má tá aon-líon curtha ann. 'Bhfeiceann tú an staighean éan atá ann!" Dhá mbeadh a dóthain lonnadh sa bhfairrge, bheadh níos mo bualadh ar an iasc." "Sé'n uair is fhearr a mbíonn bualadh ar iasc, lá a mbeadh lonnadh 'sa bhfairrge, ach gan í 'bheith ro-chollóideach." "Tá'n lá ro-aoibhinn le aon-bhualadh a bheith ar an iasc."

"Bhuail ballach mé" = rugthas ar bhallach ar a' dubhán; chuaidh ballach ingreamúdhas sa dubhán: "Tá ballach buailte agam." "Thug sí priocadh dhom, ach níor bhuail sí mé na dheidh sin" "Níor thug sí fúm ach aon-phriocadh amháin, a's bhuail sí mé ar a' bpuinnte." "Rug sí ar a' dubhán, a's bhain sí sracadh as, ach níor bhuail sí mé in a dheidh sin." "Bhí concar buailte agam, ach b'éigean dom an dorugha a ghearradh, a's í 'leigean faoi'n scuir aríst." "Is fada a bhain a' blátháinín sin asam, gur bhuail sé mé." "Bhí thob ann a's thob as aige, a's é 'baint corr-phriocadh asam, ach bhuail sí mé faoi dheire." "Tá an-bhreac buailte agam, mara bhfuil mé a' dul amudha go mór." "Bhuail bradán nó breac mór eicínt mé, ach níor fhéad mé a sháith leigin a thabhairt dó." "Tarraing a fhleasca(igh), tá sí buailte!" "Ní fhaca mé do leithide de chailleach in mo shaoghal ariam! Breagh nar tharraing tú, nuair a d'airigh tú buailte í!" "Bhuail ballach mé, a's nach mbadh diabhaltaidhe dalbaidhe í, gur bhris sí frighdín a' dubháin." "Bhuail sí mé ceart go leor, ach d'imthigh sí, a's mé dhá tarraingt. Chaithfead sé nach raibh frighdín

a' dubháin, i bhfastódhas mar is ceart innte."
"Ní bhuailfe aon-bhreac go faoithin thú, mara gcuire tú suas
baoite ceart, a's ní fiú do sheacht mallacht na portáin sin,
gan péiste talmhana nó péiste ruadha in a n-aice."
"Sciúr sí an baoite, a's dheamhan a cos a bhuail mé 'na dheidh
sin." "Tá na h-easconaí sin an-imeartha, an-bheachtuighthe
go deo. Íosfa siad an baoite, a's dheamhan a mbuailfe siad
a' dubhán in a dheidh sin." "Tá sé fánach agad aon-bhreac
do do bhualadh, comhuain's 'bheidheas do chuid baoití chomh
stráiceamhail, maoilscríobach a's tá siad. Breagh nach gcuireann
tú an dubhán 'sna péiste siar go táin, fharrus iad a bheith ar
sliobarna mar sin le na dubháin." "D'airigh mé mar bheadh
bromóg nó ballach ann, a' sciolpadh leis a' mbaoite, a's chinn orm
í a bhualadh in a dheidh sin." "Scoth-bhláthan maith a bhuail mé,
ach nuair a bhí mé dhá réidhteach as a' dubhán, ná raibh ann
marar sciorr sé thrídh mo mhéarachaí, síos sa bpoll aríst. Is
beag bídeach nar cailleadh mé le cantal, a's leig mé liom fhéin
abhaile go goirid in a dhiaidh." "Narbh áidhbhéil a' spreacadh a
bhí sa mballach a bhí buailte agam, a's gur lúb sí lorga an
dubháin mhóir! Dheamhan smid bhréige ann muis!" Bhí breac
buailte agam, ach thug sé an dorugha in aimhréidh sa
bhfeamuinn, a's b'éigin dom é 'ghearradh as a dheire."
"Má bhuaileann concar thú chaidhchin glac réidhteach léithe, go dtuirsighe
sí í fhéin, a's go leige sí de'n ionnfairt."
"Níl aon-bhualadh ar
ghlioma(igh) imbliadhna fós" = ní theigheann siad 'sna potaí mórán
"Bhí sé 'chuile ordlach chomh maith dhuit urchar a chaith(eamh) ar thul(ch)án leis
an áit a bhfuil tú dhá chaith(eamh). Nach bhfuil fhios ag do chroidhe
istigh nach mbuailfe breac a' bith annsin thú. Tá'n iomarca
tannuidheachain ann, a's é a' trághadh fós. Bheadh deis buailte
eicínt ar bhreach dhá dteightheá ar na stioráin sin amuigh."
"Sa gcuisle thanuidhe taobh thiar de'n Characán a bhuail a' concar
sin mé. A' fuireacht go dtrághfadh sé go dtí an clochar amuigh
a bhí mé, a's ní raibh cuimne agam go mbuailfeadh tada mé 'san
áit céadna mara mbeadh ceann-cruachain nó bod gorm, go díreach."

Bhuail faitchíos, fuacht, imnidhe etc é = "tháinic faitchíos, fuacht etc air" = "tháinic sé in a fhaitchíos, in a fhuacht etc air." = "bhain fuacht dó" = ghlac sé faitchíos etc" [le "buail", bíonn sé i gceist go dtagann an fuacht, faitchíos, etc go tobann, nó nach mbíonn aon-tsúil leis].

"Bhuail slaghdán é, a's as a' slaghdán, tholg sé eitinn. Níor ól sé aon-deoir bhainne slainte ó'n lá sin amach." "Is beag a' tsiocair a bhío(nn)s ag duine slaghdán ná galra a' bith eile dhá bhualadh ar a' saoghal seo."

"Bhuail néal eicínt sa gceann é, a's ní raibh sé staidéarach ó'n lá sin amach." "Ba bheag a' dochar dhó, faitchíos dhá bhualadh, a's an gothadh a bhí ar Sh. B." "Má bhuail scannradh fhéin í, bhí ceart aice air, a's sonnda (= sonnradh) mar sin a fheiceál i mbéal a' bhealaigh roímpe." "Chuala mé an ghuth i bhfad roimhe sin, ach níor bhuail a' scannradh críochnuighthe mé, go bhfaca mé an toirt rómham i mbéal a' tseoil." Buailfe scáth é, má theigheann tú 'un droch-(mh)úineadh leis." "Má bhuaileann an imnidhe cheart duine, is geárr a bheadh sí dhá chlaoidheadh." "Bhuail lagar ocrais mé d'aon-iarraidh." "'Teacht isteach ag C. Th. a bhuail an sliabh-gortach mé, a's níor fhan eirghe 'mo sheasamh ionnam ar a' toirt boise. Marach gur eirigh Dia liom lún (= lón) a bheith ar iomchur agam, bhí mo chnaipe déanta." "Bhuail olc é, chomh luath a's chuir mé aithne air, gan corruighe." "Níor airigh mé ariamh gur bhuail fonn múisc mé, a's chuir mé gach's a raibh in mo bholg."

"Ar a' dá luath a's a mbuaileann a' taghd é, tagann coinneal in a shúile, a's ionnsuigheann air a' gearradh fiacal." "Bhuail fonn achrainn é, ach má bhuail fhéin, ní bhfuair sé fear a bhactha annsiúd."

"Bhuail uathbhás é, a's ní raibh breith bonn báis aige, go mbeadh an féar coctha, faitchíos báistighe" = tháinic falrach 'un oibre air, a's níor fhan foighid a' bith ann, go raibh an féar in a chocaí aige, ar fhaitchíos go dtiocfad sé 'na bháistigh air.

"Bhuail doigh bhuilg Seumaisín, a's mhaithfeá do Dia gan a bheith ag éisteacht leis, a's é síonaighil le pian." "Má bhuaileann na doightheachaí sin arís mé, ní chodlócha mé aon-néal go maidin dhá mbárr."

"Bhuail saobhchan céille an duine bocht, as ráig óil." "Barr ar a' dathamhlacht, a's 'gcead 'e' chomhluadair, bhuail tinneas mo bhuilg mé, a's fhobair gur fhága sé ar aon-chaoi mé, go maidin." "Bhuail a' bás é" = tháinic an bás air. "Sé'n bás a bhuail é an uair sin."

"Ní miste dhuit céard a bhuailfeas thú, ach gan a' bás do do bhualadh." "Bhuail racht casachta é, a's shíl mé nach stopfadh sé go maidin." "Má bhuaileann sraothfairt tú, de bharr a' tsnaoisín sin, dheamhan iabh ná forus a gheobhfas tú go ceann fada." "Chomh luath a's a d'ól an capall a' deoch, bhuail rud eicínt í, a's shín sí siar ó chluais go iorball." "Bhuail fonn magaidh annsin é, a's d'áitigh air, a' saghdadh faoi Chaitlín." "Má bhuaileann falrach gháire é, beidh 'chaon scairt aige arís go h-am suipéir." "Bhuail teasbach (teasúch — Achréidh) an bhó, a's as go brách léithe, a's a drioball in aer aice." "Is minic leis a' gceann céadna tart dhá bhualadh." "Bhuail ocras mé i lár mo ghna(ithe), a's gan aon-ghoir agam rud le n'ithe a fhaghail." "Buaileann codladh é taca an ama seo chuile lá, a's dhá mbeadh na seacht sraith ar an iomaire, caithfe sé néal a thabhairt leis, shul (dh)á dhéanfas sé aon-bhuille arís." "Ar an dá luath a's ar bhuail an rachmall pósta é, d'ionnsuigh sé siar amach go bhfuair sé bean. Ní fhaca tú in do shaoghal ariamh rud a' bith ab aibéile ná é." "Is deacair aon-cheart a bhaint de nuair a bhuailea(nn)s an 'óinseach' é" = is deacair aon-cheart a bhaint de, nuair a thaga(nn)s fonn troda, nó aistighle, nó cantal air. "Má tá fonn eirghe in áirde dhá (= dá bhur) mbualadh anois, scuabfa sib as seo, a's deifir orraí(bh)." "Nach maith luath a bhuail an snádhmhthach é." "Cá'r bhuail a' phian thú?" "Is diabhaltaidhe tráthamhail a bhuail fonn pósta é, a's a sean-athair in achar an anama." "Má bhuaileann a' ragús é, is beag a' scruball a bheadh aige é 'dhéanamh." "Bhuail tuirse mé árd-trathnóna, a's dheamhan filleadh ná feacadh a bhí goir agham a dheanamh aige." "Sé'n catmara fhéin a bhuail é, a's aon-láimh a bheith aige 'san obair sin!" "Marach gurab é an míádh mór fhéin a bhuail thú, ní chuirfeá araoid a' bith ar a' sclamhaire sin." "Bhuail fonn ropaireachta í, a's d'ionnsuigh sí mé — ní raibh fáth ná adhbhar a' bith eile aici leis, ach a' méid sin." "Cé'n sórt néal a bhuail é chor a' bith a's pósadh!" "Marach gur bhuail ciméar eicínt é, ní dhéanfad sé a mhacsamhail sin de chleas." "Bhuail lán mo chruite de náire mé, nuair ba léar dhom, céard a bhí déanta agam." "Bhuail drugal mé — lán mo chraicinn de — nuair a h-innsigheadh dhom faoi'n mbealach a chaithfinn a thabhairt orm fhéin. Ach níor loic mé in a dheidh sin."

"Tá mé buailte" (ag an slaghdán, tinneas etc). "Dar príosta muis tá, tú buailte" (le slaghdán etc, nuair a chloisfeá duine a' sróthfairt, nó a' casacht) "Tá sé buailte le casacht a's cithréim." "B'fheasach dhom go raibh sé do mo bhualadh aréir, a's chomh marbhthánta, a's bhí mé." "Má airigheann tú do do bhualadh é (i.e. an slaghdán etc), níl le déanamh agad ach luighe, ar a' toirt. Níl baoghal a' bith ort é 'chuir dhíot le strócántacht." "Cá'id ó bhuail a' donacht é?" = cé'n fhad ó tháinic a' donacht (= tinneas, lagar etc) air?" "Bhuail donacht eicínt í, idteach a' phobail indiu, a's b'éigean í 'iomchur amach." "Má tá sé buailte ag a' gcailín siúd (i.e. eitinn), leágha na bhfíonn, ní chuirfeadh as a chrioslaigh í" "Tá mé buailte a's buailte go maith" = droch-shlaghdán nó droch-thinneas in mo chrioslaigh. "Cé'n chaoi ar airigh tú é (i.e. an tinneas, an donacht) do do bhualadh an chéad-uair?" "Níor ith sé oiread a's dubh na h-iongan, ó buaileadh é, idtosach." "Níl luighe 'bith aige le rud le n'ithe, ó bhuail a' donacht é." = "Ghlac sé col leis a' mbiadh, ó bhuail an donacht é." "Is furast cur chuige anois, go h-áithrid ó bhuail a' donacht é, go deireannach." "Dar príocaidhe muis, má tá sé buailte ag a' slaghdán bradach seo, beidh liostachas fada air, ná ar dhuine 'bith eile a bhuailfeas sé. Sin é fhéin an droch-ailím in do chnámha." "Sa gceann a bhuail sé é" = "sa gceann a tháinig a' donacht air" = saobhchan céille nó éadtruimeacht a tháinig air. "In a cheann a bhuail sé é" = ina cheann a tháinic an phian, nó an tinneas, nó'n slaghdán. "Is fear é 'tá buailte sa gceann, nó tá mise a' dul amudha" = tá saobhchan air, nó tá sé buille "éadtrom", nó níl sé 'an-staidéarach'." "Chaithfeadh rud eicínt é 'bhualadh sa gceann, a's ar ól sé le tamall." "Ghlac sé bás na mná go dona, a's buaileadh sa gceánn é, go goirid in a dhiaidh." "Má bhuaileann sé sa gcloigeann é, aríst mar rinne sé cheana, caithfear é 'chur 'soir'" (= go dtí an gealtlann i mBéal Átha na Sluaigheadh). "Sa gceann a bhuaileann sé igcomhnuidhe é, má chuirtear aon-mhúisiam mór air." "Bhuail néal eicínt sa gceann é." "Ná raibh ann, marar bhuail daol eicínt é, a's scuab sé leis."

Bualadh (mar ainm-fhocal amháin) = bealach nó triall go leor;
cuid mhór gluaiseachta ("great traffic")
"Tá bualadh mór ar a' mbóthar sin" = teigheann go leor daoine, gluais-
teáin, carrannaí, rothair etc air; tá bealach cuid mhaith air.
"Tá bualadh mór 'motarss' air." "Tá bualadh mór daoine air."
"Tá an-bhualadh daoine ar a' mbóthar sin anois, mar tá sé
déanta as an nuadh." "Bíonn an-bhualadh fámuirí ar
bhóthar a' chladaigh sa samhradh." "Is beag a' bhualadh a bhío(nn)s
ar a' mbóthar sin chor a' bith, cé's moite de mhuinntir na
Gaillimhe, a's iad a' déanamh aeir dóib fhéin 'sa samhradh."
"Sin é an bóthar a mbíodh an bualadh uileag, fadó,
air, ach ó rinneadh an bóithrín aithgiorrach, thríd an
sliabh, ní bheadh ann ach timcheall anois." "Ní rabh fhios
agham, go raibh an oiread bualadh ar a' mbóthar siúd, go dtí le
goirid." "Is ar a' mbóthar nuadh atá an bualadh ar fad
anois." "Is mór a' chontabhairt a dhul le cairt ann, arae
tá sé chomh sleamhain le gloine, a's is air atá bualadh
na 'motarss' ar fad anois." "Is ar a' mbóthar céadna
atá bualadh na h-Araidhe" = tá an-bhualadh air.
"Is ar a' mbóthar sin, atá bualadh an Achréidh ar
fad." = "sé'n bóthar é a mbaineann muinntear an Achréidh
leas as ar fad. "Tá'n bóthar ó dheas tugtha uaidh uileag
anois, leis a' síor-bhualadh atá air." "D'fhanadar ó'n
gcasán, a's ó bhualadh na ndaoine." "Ní chothuigheann
fiadhannaí in aice bealaigh ná casáin, a mbeidh
bualadh daoine air. Tá siad an-fhaitcheach, an-scáthmhar."
"Níl caothamhlacht a' bith innte, má rinne sí a leithide de chleas,
ar bhóthar a bhfuil an oiread bualadh air, a's 'tá ar an
mbóthar sin." "Dhá ndeasuightí an bóthar soir, bhainfeadh
sé cuid de'n bhualadh de'n bhóthar mór." "Bhíodh an-
bhualadh ar a' réidh-chasán sin scath(amh), ach ní theigheann duine
a' bith anois ann, ó bhac muinntir Sh. Mh. iad, annseo, an
bhliadhain cheana." "Níl mórán bualadh daoine ar a' mbealach sin
anois, ó deasuigheadh bóthar Sh. Dh." "Tá an-bhualadh ar bhóthar
na Trágha indiu" = tá triall a's tarraingt na ndaoine ann.
[Is annamh a baintear leas as mar seo]

"Tá an-bhualadh ar na tighthe ósta indiu" = go leor daoine
a' déanamh orra. "Tá bualadh mór ar Ghaillimh indiu" = tarraingt.
"Má tá sé a' díol na h-earrtha (= earradh eicínt; earradh amháin,
cuirigcás plúr etc) ar shlat-mhargadh, gheobha sé trácht, a's beidh
bualadh daoine ar a shiopa." "Is ar a theach-ósta
a bhí bualadh na ndaoine ar fad indiu. 'Scuabann chuile scuab
nuadh glan idtosach'."

Buailte [Sa bhfuirm seo go h-iondamhail, aindeoin go gcloistear, "bhuail"
"buailfe", uair i bhfad ó chéile]. = déanta; sunntasach;
"dearg"; lorgach. [idtaobh casáin, lorgaí, réidh-bhealach etc]
"Tá casán buailte isteach go dtí an bhrocach" = níor dearnadh
casán ná bealach ann, ach chuir síor-shiubhal, as talltú na mbeithidheach,
isteach a's amach go dtí an bhrocaigh, cumraidheacht
casáin ar a' talamh ann. "Tá casán dearg buailte ag
coiníní thríd an bhféar." "Tá bealach buailte ag a' sionnach
isteach go dtí an bhrocach 'sa gcreig." "Tá'n cúilín thoir
talltuighthe fré chéile, a's casáin buailte ann as éadan ag
coiníní." "D'aithneo(chth)á go maith gur buailte ag an
mbroc atá an casán siúd." "Tá'n casán buailte siar
uileag thríd an gcrích dhriseachaí." "Meastú an ag an
mbroc atá an casán seo buailte, nó'n sionnach atá ann?"
"Níl baoghal a' bith ort a dhul amudha, má leanann tú an
casán atá buailte thríd an easca." "Tá'n bealach chomh
buailte anois, ag asail a' tarraing mhóna ann, a's gur gearr
eile a bheidheas sé in arraidheacht é 'shiubhal amháin."
"Tá'n casán buailte síos rómhat ar a' gceann-fhearainn, a's
tá maol-bhearnaí 'sna claidhtheachaí le na dhul tharstu."
"Tá casán buailte thríd a' bhféar ag clann T. Mh. a' tarraingt
suip, as Garrdha an Lín. Cuirfe mise ó thalltú ar mo
chuid féir iad, feicfe tú fhéin air, ach feadh's mé dhá bhfeiceál."
"Má ghníonn sib casán buailte annsin, is gearr go mbí an
baile uileag a' déanamh aithgiorra ann, a's beidh scéal eile
annsin ann, dhá mbacadh aríst ar ais."

"Níor buaileadh deoir bháistighe orm ó d'fhága mé an teach, go dtáinic mé abhaile aríst" = níor thuit deoir bháistighe orm; ní raibh sé a' báisteach ar a' mbealach. "Níor buaileadh aon-deoir bháistighe ar na fataí ó cuireadh idtalamh iad, gur baineadh aríst iad. Ba doiligh dóib a bheith go maith annsin." "Má imthigheann tú anois, racha mise faoi dhuit, nach mbuailfidhear oiread a's deoir bháistighe ort, go mbeidh tú ag ceann-cúrsa. Má tá an duibhthean thiar fhéin, ní chaithfe sé chomh tobann sin í." "Dubhairt siad liom, ar a theacht abhaile dhom, go raibh sé ina dhórtadh annseo ó mhaidin, a's dheamhan deoir as aer a buaileadh ormsa." "Buaileadh báisteach ormsa ó d'fhága mé seo indiu." "Dhá ndéanthá mo chomhairle-sa, a's imtheacht in am, dheamhan a' deoir fhéin a bhuailfidhe ort. In a leaba sin, tá tú báithte go craiceann." "Th'éis ar buaileadh de bháisti(gh) air, ó rinneadh é (caisleán), dheamhan a dhath fhéin de'n mhoirtéal ar bogadh fós ann. Is diabhaltaidhe an buadh a bhí ag na saoir fadó, a' déanamh moirtéil." "Bhí báisteach dhá bualadh sa mbéal orm, ó d'fhága mé Gaillimh, go raibh mé leath-bealaigh abhaile."

"Níor buaileadh an deor fhéin ar a' bhféar sin, ó baineadh é, gur cuireadh in iothlainn é, a's is diadhachta dhó a bheith dreoighte."

"Ní dhéanfa an cur aon-rath, go mbuailtear múr báistighe air."

"Buail baslach ar a' léine sin" = nigh í; tabhair nigheachán di.

"Ar bhuail tú aon-bhaslach ar t'éadan indiu?" "Cuir na sean-bhriocáin sin ar bogadh, a's b'fhéidir go mbeadh ionbhadh agam ambáireach baslach uisce a bhualadh orra(b)." "Bhuail sé baslach ar éadan, ar ourla (urla) a's ar a mhailghí" (gaiscidheach 'sna sean-scéalta tharéis eirghe dhó ar maidin)

"Buail scáird uisce síos ins na fataí sin" = "cuir, taosc"

"Buail síos scallach tae" = cuir síos scáird tae.

"Bhuail sí an t-uisce bruithte idir a' dá shúil orm" = thlig sí; chaith sí. "Shíl sí steall uisce bhuig a bhualadh idir an gob 's an tsúil orm." "Buail síos na fataí feasta." "'Bhfuil cuimhne 'bith agad a' dinnéar a bhualadh síos?" "Buail síos st(r)eall uisce sa 'gcitil' go mbearra mé mé fhéin."

"Bhuail sé cíos air" = chuir sé cíos air; d'fháisc sé cíos air.
[mar chuirfí cíos etc. ar duine nach raibh sé air cheana, nó 'raibh sé íoctha amach a's amach aige]. "Aindeoin go raibh an teach ceannuighthe aige thar barr-amach, shíl siad cíos a bhualadh air." "Buaileadh cíos ar mhuinntir a' bhaile seo thiar, faoi'n bportach, a's is olc a' ceart é freisin. Dheamhan leithphighinn dó a d'íocfainn dá mbadh mé iad — cead aca(b) iad a chuir as, má thogair siad." "Bhí an téarma le bheith thuas, faoi cheann dá fhichead bliadhain. Tá'n dhá fhichead bliadhain istigh imbliadhna, a's is mian leo(b) cíos a bhualadh orainn aríst ar ais."
"Buailfear cíos trom ar na tighthe sin fós, feicfe tú."
"Deir siad fhéin go bhfuil siad a' tabhairt cheithre scóir in aisce, do dhuine 'bith a dhéanfas teach, ach buailfe siad orra(b) aríst sa gcíos é, chuirfinn geall." "Nuair a bhí na Lochlannaigh annseo, in Éirinn, bhuail siad cíos a's camhlach ar na h-Éireannaigh, a's duine ar bith, nach n-íocfadh an cíos, bhí an tsrón le baint dhe."
"Ní dóichidighe rud dhá ndeanfaidís, ná cíos trom a bhualadh ar na daoine aríst. Ní bheidh siadsan gan a gcuid fhéin, pé'r bí cé'n súisín 'íocfas é." "Bhain siad de'n chíos é, a's bhuail siad ar a' tae, a's ar a' tobac ar ais aríst é. Níl ann i gcomhnuidhe ach láimh na dógha a's láimh na tárrthála." "Is mór an éagcóir é lascainidhe a thabhairt do dhuine, a's é bualadh thall aríst ar dhuine eile. Ach indomhnach sin í an oirille atá siopadóirí na h-áite seo a dhéanamh." "An té atá indon an seachadadh-amach a dhéanamh 'sna siopaí seo, gheobhfa sé 'chuile shórt faoi na luach, ach a' créatúr bocht atá ag iarraidh áirleacain, buailfear thall air sin é. 'Fear dhá bheathú, a's fear dhá mharbhú' mar adeir a' ceann eile." "Ná ceap go mbuailfe tú airgead a' bith le cois orm. Is maith an rud do chuile dhuine a cheart féin a íoc." "'Chuile shórt dhá bhualadh anuas sa gcruit ar a' duine bocht" = sé'n duine bocht a chaithfeas 'chuile mhíle nídh a íoc", (cíos, gearraidheachaí, sreathannaí etc). "Ní raibh an oiread gearraidheachaí buailte ar a' tír ariamh cheana ó bhí cíos teinteáin a's deachmhaidh ann, a's tá ann anois."

Bualadh-draidín = an drad uachtair a's an drad-íochtair a bheith a' bualadh in aghaidh a chéile le fuacht, faitchíos, nó a leithidí eile; bualadh fiacal. "Tá bualadh draidín air leis a' bhfuacht." = "tá déidín tuithte aige leis a' bhfuacht; tá bualadh-fiacal air le teann fuaicht; tá sé thart leis a' bhfuacht. "Tháinic bualadh-draidín orm leis a' bhfuacht." "M'anam a Dhia a's do Mhuire, mara bhfuil bualadh-draidín orm le faitchíos!" "Bhí an oidhche a' cur sheaca thar chionn, a's tháinic bualadh draidín orm, le neart an fhuaicht."

Bualadh-fiacal = "Nuair a ghlacaim col le rud a' bith, tagann bualadh-fhiacal orm, hébrí cé'n t-ughdar é." "Bhí sé 'séideadh dubh-oighre, a's bualadh-fiacal orm fhéin le teann fuaicht." "Tá sé in a bhualadh fiacal ormsa — tá sin"

Bualadh teangan (nó ceangan): galra a bhío(nn)s ar bheithidhigh. Atann bun na teangan aca, a's amannta cairthigheann a' t-at thríd a' gcolainn fré chéile: déarfadh duine amanntaí freisin go raibh bualadh ceangan air leis a' bhfuacht.

Bualadh-chroidhe = sórt fuadach croidhe; fuadach nó bualadh faoi'n gcroidhe; an croidhe a' preabadh ro-thréan, le lagar, donacht, an-bháthadh, séideán, saothar nó a macsamhail. "Tá mé go dona le bualadh croidhe." "Ní fhaghaim iabh ná forus a' bith anois ó'n mbualadh croidhe" = "Bíonn bualadh croidhe orm go h-acht a's go h-áithrid." "Ní chodluighim aon-néal, ach néal fánach, le bualadh croidhe." "Níor scar a' bualadh croidhe chor a' bith liom, ó bhí an méid sin donachta orm anuiridh." "Chaithfeadh sé go bhfuil mo chroidhe a' tabhairt uaidh, a's an bualadh croidhe a bhío(nn)s orm, 'chuile phuínnte." "Ní raibh puth de m'anáil agham, a's ba mhór a' t-ár mé le bualadh croidhe." "Mara bhfagha mé aon-su(a)imhneas ó'n mbualadh croidhe go goirid, caithfe mé 'dhul ag dochtúr go bhfeice mé, cé'n mheas a bheidheas aige orm." "Má tá indán's nach imtheocha an bualadh croidhe dhíom, cuirfe sé 'un báis le imnidhe mé." "Bhí bualadh croidhe orm le faitchíos." "Bhí bualadh croidhe orm le neart imnidhe a's an-bháthadh: is olc a' saighdiúr mé i gcúrsaí de'n tsórt sin." "Ó Mhuire, tá bualadh croidhe orm. Leig dhom fhéineacht go fóilleach!"

Is iomdha rud a buailtear cuirigcás coirce, arbhar ar bith, bainne a's maistre dhá dhéanamh, báire, cead, deis, bosa, sciatháin etc.

"Tá'n coirce buailte aige", "Níor buaileadh aon-ghráinne coirce ar a' mbaile fós." "A' bualadh eorna le súiste atá sé."

"Níl siad a' tabhairt leath-bhualadh ar na dornáin. Dheamhan a' miste leo(b) ach an lá a chuir isteach." "Níor thug sé leath-bhualadh ar an eorna, mar ní raibh aon-chóir ar an easair aca(b)."

"Scaoil an dornán buailte sin" (féach "scóth-bhualadh", "scoth-bhuailte".)

"Níl an dornán sin leath-bhuailte." "Fagh cloch-bhuailte dhom" = cloch le cur ar chléibhín, le arbhar a bhualadh uirre. "Cuirighidh deis bhuailte uirre fhéin" = cuirighid sib (méitheal) féin faoi réir le arbhar a bhualadh. (freisin nuair a bheadh dream ar tí a dhul a' troid).

"A' bualadh báire, liathróide nó deis a bítear i gcomhnuidhe. Ní abruighthear go mbítear ag imirt báire, aindeoin go dtugtar imreoirí ar lucht an bhuailte.

"Tá siad a' bualadh deis" (féach "deis"). "A' bualadh báire a bhí sib indiu."

"Bhíodh muid a' bualadh báire bheag thíos ar a' tráigh fadó."

"Is ait uaidh liathróid a bhualadh." "Ceal nach raibh tusa a' bualadh liathróide chor a' bith indiu?" "'Bhfuil aon-rath ort a' bualadh?" "Buailidís leo(b) anois go mbeidh siad tuirseach."

"Cá mbeidh an báire dhá bualadh ambáireach?" "Níl aon-ghoir aghad air, a' bualadh báire." "'Bhuailfinn boc báire chomh h-árd leis a' ngealaigh'." [as "Taimín" amhrán de chuid Chonamara]. "Buail boc uirre!" "Buail í' fhleasca(igh)!" "Buail amach í" (an liathróid). "Bhuail sé amach béal an ghóraidhe í."

"Ní a' fághail bháis a bhío(nn)s sé dhá bualadh (an liathróid) ní hé do dhálta fhéin é" [fearacht is mó atá i gConamara anois, ach tá dálta ag na sean-daoine freisin]. "Buail amach báire."

"Bhuail sé amach ó bhéal an ghóraidhe í."

"Tá siad a' bualadh cead ["ceat" in áiteacha]. "A' dtiocfa tú a' bualadh cead?" "Bhí na gasúir a' bualadh cead." "Tá siad a' bualadh 'top' ("caiseal")". "Bhíodh muid a' bualadh 'Cashel Top' an tráth seo 'bhliadhain ar fad fadó."

"Bhí sé indon boc báire a bhualadh chomh maith le na leithide 'bith scath(amh)."

"A' bualadh an bhainne" leis an loinne a bhítear, nó a' déanamh an mhaistre.

"Tá sé sáthach buailte agad anois, nó caithfe sé a theacht leis ar aon-nós."

"Buaileann an clog." "Tá'n dó buailte ag an gclog." "Ta sé thar am a dhul abhaile a's an dó-dhéag (an dá bhuille dhéag) buailte (bainte) aige." "Ar bhuail sé an deich fós?"

"Tá'n naoi buailte aige le fada. Is ceart dó a bheith ar bhuillí an deich feasta." [Tá "sé", "aige" etc annseo, mar bheadh réamh-fhocla neamh-phearsanta, ionann's nach mbainf-idís leis an gclog cor a' bith, ach mar thanaistí do'n am]

"Buail ar a chéile é" = féar (dhá mbeitheá a' déanamh coca moinfhéir, coca caorach nó coca iothlann, a's é bheith 'tolgadh múir, nó ráig bháistighe, chaithfeá "an coca, nó'n féar a bhualadh ar a chéile", arae ní bheadh ionbhadh agad, déanamh ceart a thabhairt air.)

"Dhá n-eirigheadh Dia liom, an slaimín féir sin a bheith buailte, ar a chéile agam, roimh an mbáisteach, bheadh liom."

"Bhí sé a' coimhlinnt ag iarraidh an féar a bhualadh ar a chéile, sul a mbeireadh an braon air."

Buailteach = tugtha do bhualadh; fonn buailte (amanntaí bíonn ciall gháirseamhail leis). "Ná bí buailteach, pé'r bí cé'n chaoi a mbeidh tú." "Fainic a mbeitheá buailteach, ar chaoi ar bith!" = "Seachain a' mbeitheá buailteach." "Ní éadáil mhór do dhuine ar bith a bheith buailteach." "Sé'n rud is luath (= lughar) liom a chonnaic mé ariamh duine buailteach." "Duine buailteach é, má baintear as é." "Tá ceart le baint de 'chuile dhuine, ach de'n duine buailteach." "Má's buailteach nó gan buailteach é, ceann sóchthar annsiúd é, deirimse leat." "'Sé is buailtighe beo, má bhíonn aon-bhraon sa gcoirricín aige." "Mara mbí tú buailteach, bí bagarthach." "Is fearr a bheith bagarthach ná buailteach." "Tá sé bagarthach go leor, ach nuair a theigheann sé ar an scian is géire ina dhiaidh sin, níl sé buailteach. Is measa a ghlam ná a fhiacail." "Mara mbí duine buailteach annsiúd, ní eireocha ceart a' bith leis. Mar dubhairt an fear fadó, 'sé'n té is fhearr dorna is fhearr corna de'n fheoil' ann." "Is iomdha rud atá le faghail as bagairt ná 'bhfuighthidhe as bualadh." "'Chuile bhall annseo, muise, ach fear buailteach" = beidh fáilte roimh 'chuile dhuine nach bhfuil buailteach, ach ní lughar linn a' sioc ab uil sinn, ná fear buailteach. "Tá Seán bagarthach, buailteach, stodamach." "Má bhíonn tú buailteach, b'fhéidir gurb é an ceann salach de'n bhualadh a bheadh agad as a dheire." "Tá sé an-bhuailteach" = imreoir cártaí "Ná bí buailteach a' babhta seo fharras ariamh" = ná buail mo chárta

Buailteoir: (i) fear buailte coirce, nó fear súiste (ii) tugtar anois é ar a' bhfear a mbíonn inneal buailte arbhair aige, ag dul thart, a's amanntaí ar an inneal fhéin. (iii) amanntaí, a's in áiteachaí tugtar ar a' mbuailteán nó laidhe buailte an tsúiste é. (iv) duine a mbeadh de cháil air a bheith a' cionntú le mná (ciall gháirseamhail). "Bhí méitheal buailteoirí aige a' bualadh coirce." "Tháinic beirt bhuailteoirí le súistí dhá lascadh, nó gur dhíbrigheadar as an teach é." "Tá'n buailteoir i bhfocal agham, a's gheall sé dhom a theacht indiu, leis na cupla stáicín sin amuigh a bhualadh dhom, ach ní móide dhó a theacht ina dheidh sin, arae tá candáil air, ar an aimsir seo." "Nach díocasach a' buailteoir é" (ciall gháirseamhail)

Buailteán = laidhe buailte an tsúiste. Bíonn iall dhá cheangal do'n cholpán.

"Buailteán coll, colpán cuilinn
urlár lom, a's gan aon-phunann" (sean-rádh)
"Chinn orm ádhbhar buailteáin a fhaghail sa ros-choill."
"Ní mór dhuit an buailteán a stálú go maith, as cionn na teineadh."
"Bhris buailteán a' tsúiste orm — rinne sé dhá leith."
"Dheamhan a dhath ariamh a rinne sé, ach snaidhm de'n bhuailteán a thabhairt
aniar ó mhaol na gualann dhó, a's é shíneadh mín, marbh 'san easair."
"Buailteán súiste narbh fhlearr dhuit in éadan sin. Tá a chraiceann
chomh garbh, a's nach bhfágfadh fás fhéin aon-léas air."
"D'ionnsuigh air a' rúscadh an cheannuidhe (ceannuidhe mála) le buailteán
a' tsúiste, ach níor leis a' gceannuidhe ab fhaillighe é mo léan!
D'fhastuigh sé an buailteán, as chuir sé cor ann, gur
bhris an iall le teann fuinnimh, a's tháinig an buailteán leis.
Thug sé pléasc de'n bhuailteán d'fhear a' tighe annsin, a shín é
in a staic ar an urlár."
"Choinneochthá an colpán in do láimh, a's chasfá an buailteán
aniar thar do ghualainn, go mbuailfeá an dornán san easair."

Buan — buaineadas, buaine: buannach

Buan — (aidiacht) = seasmhach; seasta; síorruidhe; siorruidheacht nó seasamh a bheith i rud; fada, cruadh.

"'Is beag a' rud nach buaine ná'n duine'" = "'Is fánach a' rud is buaine ná'n duine'" = [sean-fhocal] = seasann go leor rudaí beaga fánacha níos fuide ná é. "Arbhú indé a bhí sé a' cainnt ar láighe nuaidh a cheannacht, a' ceapadh nach mbainfeadh sé an t-Earrach as a' tsean-láighe sin. Feacha fhéin gur 'beag a' rud is buaine ná'n duine'." "Is beag a' cheapfadh go gcuirfeadh a' sean-fhear é, ach ar chuala tú ariamh, 'ní bheadh fhios agad cé's túisce craiceann na sean-chaorach nó craiceann na caor' óige ar a' bhfragh', a's m'anam gur h-iomdha rud is buaine ná'n duine."

"Cá'il a' rud a mbreathnócha tú air, nach buaine ná'n duine?"

"B'fhéidir anois dhá dhonacht é, gur buaine 'bheadh sé ná muid fhéin."

"'Ní bhíonn tréan buan'." (sean-fhocal) "'Ní bhíonn dathamhail buan'." [sean-fhocal — ní mhaireann a' duine dathamhail i bhfad]. "Ní raibh an fear ar foghnamh buan ariamh" = níor mhair sé i bhfad.

"Níl a' t-éadach sin sáthach buan (= cruadh)." "Ní thiubharfa sé aon-chaitheamh uaidh, mar níl sé sáthach buan." "B'fhéidir gur éadach breagh é, ach níl sé buan." "Níor mhiste liom céard a dhéanfadh an bhreaghaichte, dá mbeadh sé buan." "Tá sé go deas, ach níl sé buan mar bheadh éadach, ach (dh)ar ndú' bainfe tú scathamh as."

"Tagann an-lasair ar a' móin sin, ach níl sí buan chor a' bith. Mionnuigheann sí in a luaith ar a' bpuínnte."

"Móin mhaith bhuan í, cé's moite gur deacair í 'lasadh."

"Tá an fhíor-mhóin sin an-bhuan. Bhainfeá lá go n-oidhche as bord a' chléibh dhi." "Breagh ó cheannuigh sib móin, nar cheannuigh sib móin mhaith bhuan, a mbainfeadh duine achar eicínt aisti. Ní mór dhuit a bheith dhá caith(eamh) sin síos chuile phuínnte."

"Tá'n bháisteach buan indiu" = "is síorruidhe an lá báistighe é."

"Is cioth buan í" = tá an múr an-fhada ar siubhal [deirtear i gConamara gur mar seo a fuair Muinntear Chiobuain [Gibbons] a sloinne. Dubhairt duine aca lá le linn múir fhadálaigh

báistighe: "is cioth buan í": baisteadh ciothbuan (ciobuain = giobúin)
annsin air fhéin a's a dtáinic ar a chine. Ní Giobúin ach Ciobúin a
tugtar ar a' sloinne seo bunáite 'chuile áit faoi Chonamara. Is dóigh
nach bhfuil sa méid sin ach bun-scéal!].
"Is buan a' píosa bóthair é, ó Throscadh na gCapall go bárr a' Spidéal."
= tá sé fada nó meallta; ní shílfeá go mbeadh sé chomh fada go dteightheá
ar a shiubhal.
"Is bóthar an-bhuan é Bóthar Muigh Cuilinn."
"'Bhfeiceann tú an t-áirdín siúd amuigh? Shílfeá nach bhfuil sé achar a' bith
as seo, ach deirimse leatsa gur buan a' píosa bóthair é 'na dheidh
sin." = "Le breathnú air, dar leat fhéin, nach mbeadh sé achar a' bith,
ach is buan a' stróic bhóthair é 'na dheidh sin."
"Is fuide an t-aistear é ná cheapfá. Tá sé an-bhuan."
"D'airigh mé chomh fada leis a' saoghal an geábh sin. Bealach an-bhuan é."
"Tá sé deich míle fhichead ar a' bhfairrge as seo go h-Árainn. Is buaine í an
fhairrge go mór ná'n talamh, ar a' gcaoi sin."
"Níl tada buan ar a' saoghal seo, ach grásta Dé."
"'Buachaillín suairc mé atá ar uaisle mo chine sa tír
A's bíonn daoine dhá luadh liom, nach go buan a bhío(nn)s grádh fir ag mnaoi'."
[sliocht as "Buachaillín Caol Árd é mo Ghrádh.")
"'A ógánaigh óig an chúil chlannaigh
Nach ró-dheas mar leaga(nn)s tú an tsúil
Má bhíonn tú go buan fré do Dhaidí
Bí cinnte gur agham a bheidheas tú'." [sliocht as "Neilí"]
"'Is tú an pabhsae nach féidir a mhealladh
Mo bheannacht go buan ort a ghrádh'" [sliocht as "Neilí"]
"Mo mhallacht go buan air maidin a's trathnóna!" = eascainidhe.
"Ní raibh duine ar bith de'n dream sin buan" = "ní raibh duine ar
bith de'n mhuirghín sin saoghlach" = d'fhaghaidís bás óg.
"Ní bheidh sé buan, má tá indán's go bhfuil a' cailín siúd (i.e. an eitinn)
a' pléidheadh leis." "Is maith buan a' réim chladaigh atá aige thiar annsiúd"
"Is buan a' píosa cuir é sin, deirimse leat." "Ní bhreathnuigheann a'
gort sin mór, ach tá sé an-bhuan in a dheidh sin, le na siubhal."
"Is buan a' stróic shléibhe í sin, in a dheidh sin. Tá sí fhéin a's a cosamhlacht
in aghaidh a chéile."

Buannac = buan, síorruidhe, fad-shaoghlach; i gcomhnuidhe. [baineann sé le am nó imtheacht aimsire go h-iondamhail, a's is mo a bhaineas buan le límistéar nó substaint, móin, éadach, bóthar etc, ach níl aon-eidir-dhealú áithrid eatorra].

"'A Chaití na Ruan,
Nó an truagh leat mise a bheith tínn
Tá'n arainn chaol chruadh
Go búanach in aice mo chroidhe
Mara dtige tú ar cuairt agham,
Faoi thuairim an ama seo aríst,
Tuitfe mo ghruaig dhíom,
A's is dóigh liom nach bhfásfa sí choidhchin'." [As "Buachaillín Caol Árd"]

"'Dá dteagadh (= dtagadh) troid ná bruighin ná achrann ann
'Sé a dhéanfadh réidhteach eatorra(b)
'Chongnochadh leis a' lagar, a's nach séanfadh a ghaol
A's go mbadh buanach a' mac Seumas ar chéibh RosaMhíl'"
[As "I Rosamhíl atá an Preabaire" — Féidhlim Mhac Dhubhghaill]
"Is buanach atá an arraing sin air" = bíonn sí air i gcomhnuidhe.
"Bíonn an slaghdán go buannach air" = bíonn slaghdán air siorruidhe.
"Nach buannach a bhío(nn)s na doightheachaí céadna ort!"
"Is buannach atá sí a' coinneál na leapthan"

Buaineadas = seasamh, síorruidheacht, caitheamh maith; a bheith buan, nó buannach.

"Tá an-bhuaineadas sa móin, san éadach etc. sin."
"Dheamhan mórán buaineadais sa móin sin. Níl ann, ach go bhfeice sí an teine, nuair a bheidheas sí caithte."
"Ná bac le buaineadas sa spaidealach sin! Níor mhór dhuit do shean-oire dhi, a chuir síos 'chuile phuínnte, a's dhá gcuirtheá fhéin, ní bhainfeá aon-tsás(amh) aisti"
"Níl aon-bhuaineadas i móin a' bith ach sa gcloch-mhóin. Deannach uileag í an fheoil chapaill a's an mhóin bhán sin."

"Is beag a' bhuaineadas a' t-éadach sin. Bliadhain go h-am seo, fuair mé an chulaith sin, a's tá sí in a cithréabachaí cheana."

"Shílfeá go mbeadh buaineadas thairis sin ann. Ní le saoire é muis!"

"Mara bhfuil a' buaineadas 'san éadach, b'fhearr dhuit é fhágáil do dhiaidh, a's gan a bheith de do mheath fhéin leis."

"Ní chuir mé aon-chulaith éadaigh suas ar mo chraiceann ariamh, ba lugha buaineadas ná chulaith sin. Thréig sí, shul ó bhí sí mí a(gh)am, a's tá sí in a ribíní anois."

"Ní fhaca mé aon-mhála plúir ariamh, ba lugha buaineadas, ná'n mála sin, ach ní atann a' plúr céadna chor a' bith a's thú dhá fhuint."

"Má's leat a' buaineadas a' bheith 'san éadan ní mór dhuit a dhul an 'price' leis, nó ní bhfuighe tú aon-éadach de'n rath."

"Is beag a' bhuaineadas na bróga seo. Níl díon deor ionnta(b) cheana, scáth an t-achar agam iad."

"Chuirfeadh a' mhóin sin thar bharr do chéille thú ag iarraidh í 'lasadh, ach tá dubh-bhuaineadas innte, in a dheidh sin. Má chuireann tú gabhail di síos ar maidin, déanfa sí go h-eadarshuth gan stróbh a' bith."

"Droch-ghual é sin. Níl a dhath buaineadais ann. Is maith an dicheall do dhuine é 'choinneál caithte ar a' teine."

"Tá mé is na ceirteachaí aríst, aindeoin nach bhfuil sé thar thrí ráithe ó cheannuigh mé an chulaith éadaigh seo. Ach beidh a shliocht uirre: gheobha mise éadach aríst a' mbeidh buaineadas, a's teacht aniar ann."

"Nach rabh fhios ag do chroidhe istigh, nach mbeadh aon-bhuaineadas, sa gcineál sin éadaigh. Dubhairt mé an lá ar cheannuigh tú é, go raibh sé ro-scann(t)ruighthe, a's nach ndeanfadh sé aon-tseasamh."

Buidheag — ainmfhocal: uimhir iolraidh buidheagrachaí: ní cloistear é ach 'san uimhir iolraidh.

Buidheagrachaí = bruscair; brúisceannaí; scaireannaí; balla, poll fataí, cruach mhóna, leachta, nó strapa a mbeadh bruscar chloch in 'éadan etc, a's é tuitim; broscán creafóige, cloch, móna etc a' tuitim.

"Thuit éadan a' phuill (fhataí) in a bhuidheagrachaí." "Thuit a' poll fataí anuas in a bhuidheagrachaí orm." "Níl fhios cé na buidheagrachaí cloch a thuit as a strapa sin thiar indé." "Is maith a chuaidh tú as, nach raibh tú faoi, nuair a thosuigh na buidheagrachaí sin a' tuitim as." "Beidh sé a' tuitim leis in a bhuidheagrachaí mar sin, go mbeidh sé tuithte go talamh." "Níl aon-bhliadhain beo, nach bhfuil buidheagrachaí a' tuitim as balla na céibhe." "Thosuigh na mion-chlocha siúd a' tuitim in a mbuidheagrachaí." "Chomh luath a's tosuigh muid a' tolladh ag béal na h-áfaigh, thug éadan na h-aille uaithe, a's thosuigh sí a' tuitim in a buidheagrachaí. Níor mhór (dh)uinn, go raibh muid imthighthe, nó bheadh scéal againn air." "Imthigheann buidheagrachaí 'chuile bliadhain, as na h-álltrachaí sin." "Ní mórán eile buidheagrachaí 'imtheochas aisti, nuair a bheidheas poll maith innte" (aill nó strapa). "Tharraing sé an mhóin as íochtar na cruaiche, a' rith ar a' bhfód tirm, a's seo anuas an gníomh in a bhuidheagrachaí in a mhullach." "Mara dtóige sib an chruach as éadan, is gearr go dtuite an t-uachtar in a bhuidheagrachaí." "Má bhaineann tú an eochair sin as a' mballa, beidh sé anuas ort in a bhuidheagrachaí."

Buig-shíne: seo é an focal a bhíos i leaba "boigréis" in Iarthair Chonamara (Camus, Rosmuc etc). Féach "boigréis", "boigréiseach."
Níl aon-aidiacht a' gabhail le "buig-shíneadh".

"Is beag a' bhuig-shíne í." "Níl a leath-oiread de'n bhuig-shíne a' siubhal léithe." "Ní bhfaigheadh sí in a claonta, an oiread sin buig-shíne a bheith innte, a's go gcaithfeadh sí scilling ag an ngasúr" = "'Sé a nádúr a bheith cruadh coinneálach a's ceanamhail ar an airgead."
"Cé uaidh a dtug sí an bhuig-shíne chor ar bith? Ba chruaidhchte é 'hathair ná na clocha."
"Is mór a' t-iongnadh go leigfeadh an croidhe dhó, an oiread sin fhéin a chaith(eamh) le buig-shíne."
"Uair 'sna naoi n-áird a bhfaigh(f)idhear aon-cheo uaidh le buig-shíne."
"Cé'n bhuig-shíne a bhain dó, le gur sheas sé deoch (dh)uit?
"Ní le buig-shíne a thug sé an méid sin uaidh, ach le faitchíos a mbain(f)idhe leis fhéin. 'Is maith an rud grádh nó faitchíos'."
"Deasócha sí siúd leat, má airigheann sí aon-cheo buig-shíne ionnad."
= glacfa sí a bhfaighe sí uait go bog.
"Is mairg (dh)uit nar shín isteach leis, ó d'airigh tú an-bhuigshíneadh ann."
= ba chóir dhuit deasú isteach leis, a's a bhfaightheá a ghlacadh uaidh, ó bhí an fiuntas ann faoi na chuid.
"Tá athrú eicínt le theacht ar a' saoghal, muis, má tá indán's go raibh an oiread boig-shíne i J. M. a's gur sheas sé leath-ghalún!"
"Má bhí an oiread sin buig-shíne ann, indiu, indomhnach b'anna(mh) leis. Ní fhaca dia ná duine a' seasa(mh) deoch ná blogam ariamh cheana é, ach dhó fhéin."

Buil: áil; maith; fonn. (aidiacht) [féach abuil le ciall eile de'n fhocal a fághail]

"Ní buil liom é dhéanamh" = ní maith (ní h-áin) liom é 'dheanamh; níl fonn a dhéanta orm. [Leagan diúltach a bhíos air — ní, mara etc]

"Ní buil liom a dhul ag an tsochraide sin."

"Níor buil leis a dhul 'Gaillimh chor a' bith ar maidin, dá bhfaghad sé cead a chinn." "Ní buil leis bás 'fhaghail go gcinne air, a's ar ndú, nach hí a leas-mháthair a thóigfeadh sin air."

"Maran buil leat a dhul ann, níl duine 'bith ag iarraidh thú a chuir ann in aghaidh do chos."

"Ní buil le Cóilín se'aghainne a dhul 'uig an scoil níos mó, má fhaghann sé cead a chinn."

"Maran buil leis fhéin amhrán a rádh, ná teirigh ro-dhéan (= dhian) air, faoi"

"Maran buil leis fhéin, a theacht, dheamhan guth 'bith aghainne air!"

"Ní buil le Tom, a dhath a dhéanamh Dia Domhnaigh, a's dheamhan mé, nach bhfuil sin le tóigeál air, ná ar dhuine 'bith eile, a bhfuil a dhá cheann sa talamh ar feadh na seachtmhaine."

"Thálta (= thárla) nach buil leis é 'dhéanamh as ughdarás fhéin, níl aon-mhaith 'bheith strócántacht leis."

"Ní buil liom, blaiseadh de dheoir, go dtaga an Nodlaig aríst."

"Ní buil leis buille maitheasa 'dhéanamh annseo, a's ní buil leis fanacht ag a' scoil, a's níl fhios agham beirthe ná beo, céard a dhéanfas muid leis, arae támuid sáruighthe reicthe aige."

"Ní buil leis a dhul a' sclábhuidheacht, go gcínne an saoghal air, a's m'anam go bhfuil a' ceart aige, arae hébrí céard a bheidheas de bhárr aon-cheird eile aige, ní bheidh tada aige de bharr na sclábhuidheachta."

"Mara buil leat fanacht ann, déan do chomhairle fhéin. 'A chomhairle fhéin do mhac anna (= dhanarda?) a's ní bhfuair sé ariamh níos measa'."

"'Sé a chosamhlacht nach buil leis, tada ar foghnamh a dhéanamh ar chuma ar bith, hébrí cé'n mhío-stáid ná millteanas a dhéanfas sé."

"Ní buil leis pósadh, a's ní beo é gan a bheith smórthacht (nó smúracht) timcheall ar mhná! 'Sé'n chaoi 'bhfuil sé ag iarraidh an chraicinn a's a luach a bheith aige!"

Buille [ainm-fhocal] — firinscneach: iolraidh — buillí, corr-uair — buillídheachaí.
Buille = iarraidh; fadhb, pléisc; mogal, punt.

"Thug sé buille dhó." "Buail buille air." "Thug sé a shean-bhuille dhó" (sain-bhuille)." "Tharraing sé buille mhaide air, ach níor sheas a' fear eile talamh." "Má tharraingeann tú aon-bhuille ormsa, sin é 'mbeidh de shaoghal agad fhéin." "Is maith é faoi na chuid buillí" = tá sé buailteach. "Is faoi bhuillí is fhearr é." "Deir tú leis a thairg buille a bhualadh orm." "Ná raibh ann, marar shíl sé mé bhualadh de bhuille maide." "Thug sé buille dhá dhorna (buille de chloich, buille cloiche, buille dhá bhróig etc) dhom." "Má thugaim an buille uaim, déanfa mé leicíneach dhíot." "Seachain thú fhéin ar na buillí ar chuma ar bith." "Sábhail mé ar na buillí." "Déan tárrtháil dhom ar na buillí." "Chosain sé buille dhom." = "chuaidh sé idir mé a's an buille." "Ní raibh coisint a' bith agham ar na buillí, a bhí 'theacht orm, mar bheadh Dia dhá rádh leo(b)." "Níor buaileadh buille mhaide ann, ó thús, deire go tosuigh." "Bhí siad a' glaodhmaireacht, a's a' béiceadhach, ach níor buaileadh aon-bhuille 'na dheidh sin." "D'eirigh Dia liom nach bhfuair mé an buille, a tarraingeadh orm: dhá bhfaghainn, bhí mo chnaipe déanta." "Níor buaileadh aon-bhuille 'san éagcóir ann, ná dheamhan buille" = fuair chuile dhuine dhá raibh a' troid, cóir a's ceart. "Bhí céad buille a' teacht orm in aoinfheacht" = bhí go leor in m'éadan. "Níor eirigh leis thar cupla buille." = ní bhfuair sé ach iarraidh nó buille amháin. "Tháinic tú saor go leor, má bhí tú taobh le buille." "Ní raibh duine agam a bhuailfeadh buille dom" (a congnamh dhom). "Bhuailfinnse buille dhuit, dhá mbeinn ann." = bhuailfinn buille leat" (do chongnamh dhuit) "Glacfa mé gach's a bhfuighe mé ach buillí." "Glac chuile shórt ach buillí." "D'eirigh liom aon-bhuille amháin 'fhaghail air" "Chloisfeá tormán na mbuillí a bhí dhá mbualadh air, leath-mhíle ó láthair." "Bhí púir ag eirghe as le 'chaon bhuille dhá raibh sé a fhaghail." "Is gearr le dhul do bhuille ar siúd" = ní chuirfe sé aon-cheo as dó. "Mara bhfuil agad ach buille 'dhorna, is geárr le dhul, buille 'dhorna air siúd."

"Thug sé a shean-bhuille dhó, ach dheamhan feannc a bhain sé as in a aindeoin sin." "Is olc an éadáil buille uaidh siúd." "Dheamhan deoir bhainne slainte a d'ól sé, ó fuair sé an buille sin." "Má thugann sé buille dhó, giorrócha sé leis." "Bhascfadh sé siúd duine le buille." "Brughfa mé do cheithre cnámha ar a chéile, le buille." "D'eirigh buille amháin liom, air" = fuair mé buille amháin air. "Ní bhíonn aon-chaitheamh indiaidh an bhuille nach mbuailtear" "Dheamhan buille ná bosóg a bhuail mé air" [bíonn bosóg in a leannán ag buille mar seo."]. "Cionntuigheadh 'san éagcóir é, arae, dheamhan buille ná bosóg a bhuail sé, ach an oiread leis a' té nar rugadh." "Ní bhuailfe mé buille ná bosóg ort, ach tiubharfa mé cead do chinn duit, go bhfeiceamuid cé'n bhail a bheidheas ort ar ball." "Ní bhuailfeadh a mháthair buille ná bosóg air, pé'r bith cé'n ámhuilleacht a dheanfadh sé: tá a shliocht air anois, tá sé leigthe leis fhéin ar fad." "Ná buail buille ná bosóg air. Smachtuighidís fhéin é, má's breagh leo(b) é." "Ní raibh aon-chall buille ná bosóg a bhualadh ariamh air, a' dul chuig an scoil, arae bhí sé meabhrach grínn thar aon-duine eile." "Bíodh a chuid 'lessons' aige nó ná bíodh, dheamhan a' leigfeadh an faitchíos de'n mhaighistir, buille ná bosóg a bhualadh air." "Má theigheann sé ar bhuillí, ní mór a cheangal" = má thosuigheann sé a' bualadh, caithfear é a cheangal. "Shíl mé a's an bhuile a bhí air, go dtiocfadh sé ar bhuillí as a dheire, ach dheamhan é." "Fan ó na buillí, má tá do leas ar dhia" = má tá an t-ádh ort, fan as achrann. = "coinnigh óna buillí, ar uain, nó ar éigin." "Níl aon-chomhairleachan air sin, ach buillí" = ní smachtócha tada é, ach buillí. "Ní thiubharfainn aon-bhuille uaim go gcínneadh orm." "Tá neamh-shuím déanta aige anois, de na buillí, le na bhfuair sé aca(b)." "Ní thiocfa an buille sin leis, má mhairimse" = "cúiteocha mé an buille sin leis." "Indomhnach má fhaghaimse aon-deis choidhchin air, sin buille nach dtiocfa leis." "Má thugann sé aon-bhuille dhomsa, ní bheidh aige, ach maltraid" = "Bhéarfa mé buille ar a' mbuille dhó." "Leig mé leis a' buille sin, ach ní thiocfa an-chéad bhuille eile leis chomh réidh" = bainfe mé díoghaltas amach, má thugann sé aon-bhuille aríst dom.

Buille feill = buille 'san éagcóir; buille a buailfidhe le doibeart nó
le imeartas; buille cleasach ealadhanta; buille fealltach ; buille le droch-arm (scian etc).

"Thug sé an buille feill [fuaim ar "feill" mar "adh" i d"Tadhg"] dhó."
"Is beag aige siúd an buille feill a thabhairt uaidh."
"Níor airigh mé ariamh gur thug sé buille na feill dhom, in
íochtar mo bhrúnn" [tuiseal gein. ar "bhrú" nó "bró"]
"Fainic é siúd, nó tiubharfa sé an buille feill dhuit gan
aireachtáil." "Is air nach mbeadh a' mhairg an buille feill a
thabhairt uaidh, dhá bhfaghad sé ar a dheis é."
"Tiubharfa sé an buille feill duit: 'sé atá deas air."
"Is maith a bheidheas tú ar t'áirdeall fhéin, nó tiubharfa
sé an buille feill duit." "Shíl sé buille na feill a
thabhairt dhom le cloich, ach thapuigh mise mo ghnaithe, arae
chuir mé cor-cam ina láimh." "Ar a dá luath a's a bhfuair
sé mo chúl leis, thug sé buille na feill dhom." "Thug sé buille
na feill, ach is buille é, nach dtiocfa leis, má fhaghaimse
aon-tsaoghal (dh)e rath." "Sin é a bhealach ariamh fhéin: buille
na feill a thabhairt do dhuine le scian, nó le cloich."
"Fhobair go raibh buille na feill fáighte agam, marach
chomh maith a's 'bhí mé ar mo mhaidí." "Thiubharfadh an
bhroththuinn shalach sin, buille na feill 'duit ar ionntodh an
tsuip." "Ní raibh a mhalrait de bhéas a' siubhal ariamh fhéin leo(b)
: buille na feill a thabhairt do dhuine gan aireachtáil — sin é a
mbeadh uatha(b)." "Nuair a fuair sé caithte ar meisce é, ba
ghearr a' mhoill air, an buille feill a thabhairt dó, a's a
raibh ar iomchur aige, a bhaint di." "Shíl sé mé 'sháthadh, a's
an buille feill a thabhairt dhom, d'aon-iarraidh, ach ní dheacha
leis, dhá ealadhanta é." "Is tútach a' cleas d'aonduine
breith ar chloich, le buille feill a thabhairt d'aonduine"
"Breagh nar fhan sé uathab, a's ní fhéadfaidís an buille feill
a thabhairt dó, ach níor bheo é, gan a bheith 'brughadh orra(b)
a's a' déanamh teánntáis leo(b) má b'fhíor dhó fhéin. Is olc
a chuaidh an teanntás dó as a dheire."
"'Faltanas Mhuinntir Laidhe a's buille feill Chlann Donnchadha'" = leath-fhocal.
"Sin iad na buachaillí aige! Ar chuala tú ariamh é — 'faltanas Mhuinntir
Laidhe a's buille feill Chlann Donnchadha" (de chlann Dhonnchadha an
té a bhuail é).

Buille na speirthe = buille a chriogfadh duine; buille a chuirfeadh duine ó mhaith; buille a ghiorróchadh leat; buille a dheanfadh do creach."

"Chreidim gur thug sé buille na speirthe dhó, ó fhada go dtí é. Má thug fhéin, ní dheárna sé leath (d)e cheart leis. Is fada dhá thuaradh dhó fhéin é." "Mara bhfana sé as mo bhealach, tiubharfa mé buille na speirthe dó, luath nó mall." "Beidh sé a' siocadh liomsa, go dtuga mé buille na speirthe dhó, as taghd."

"Thug an 'bacsálaidhe' eile buille na speirthe dhó, gan tríáil (= ionbhadh) a' bith." "Go leige dia a shlainte do Sheán! Is fada buille na speirthe a' teastáil ó'n mbuachaill sin!"

"Is minic a shíl Sasana buille na speirthe a thabhairt do'n tír seo, ach tá muid beo dhá h-aindeoin in a dheidh sin, a's dhá dteagadh an díleághadh ar Shasana ambáireach, chaithfeadh muid cúis mhaith a dhéanamh dhá h-uireasbha."

"'Séard a thug buille na speirthe do'n dream sin ar fad, nuair a ghealladar fhéin go maithfidís an cíos ar fad. Bhí fhios ag an saoghal nach bhféadfaidís, má ba leo(b) é 'íoc le Sasana." "Sin é a thiubhras buille na speirthe ar fad do'n duine bocht, má imthigheann a' mac anois, uaidh." "Ní bhfuair mé buille na speirthe críochnuighthe, gur bhuail tú an t-aon-rubála orm." (i gcártaí)

"Gheobhfadh do chuileata buille na speirthe ó mo chíonán-sa, dhá gcastaí an bealach seo í." "Nach spleádhach uaidh, buille na speirthe a thabhairt do dhuine?" = Bheadh sé ag dul siar indo bhéal, a's ins an am céadna, a' déanamh an-dochar dhuit. "Dhá gcuirteá do righ isteach fúmsa, diabhal bréag, nach breagh a gheobhfad sé buille na speirthe." "Dhá mbeadh tada ar foghnamh agamsa, ní leigfinn do shean-naoi thar mo dhorus, gan buille na speirthe a thabhairt dó, ach bhí mé fuar falamh, mar is minic liom a bheith." "Ní bhfuair na daoine buille na speirthe críochnuighthe, gur stopadh iad gan a dhul go Meriocá."

"'Sé dúnadh a's donacht Mheriocá a thug buille na speirthe, do mhuinntir na tíre seo. Tá siad gan saothrú a' bith anois."

Buille sa mbéim — rath nó foghnamh a dhéanamh; bainne sláinte a ól; láthar ná lúd a theacht ann; a bheith ar a chóir féin.
"Ní bhuailfe sé buille sa mbéim le na shaoghal aríst; tá sé réidh leis" = ní dhéanfa sé aon-mhaith; beidh mío-shlainte ag gabhail dó an fhad's 'mhairfeas sé aríst; ní bheidh sé ar a chóir fhéin go bráth aríst; ní ólfa sé aon-deoir bhainne sláinte, go dteighe fód air.
"Ó'n lá a bhfuair sé an buille sin, níor bhuail sé aon-bhuille sa mbéim uaidh sin amach" = bhí an buille a fuair sé i gcomhnuidhe ag gabhail roimhe. "Is maith an t-ádh atá air, má bhuaileann sé aon-bhuille sa mbéim níos mó." "Ó tháinic a' méid sin donachta air, níor bhuail sé aon-bhuille sa mbéim, ná ní bhuailfe mara bhfuil ag Dia." "B'fhéidir go mbuailfeadh sé buille sa mbéim fós, chomh maith le ceachtar againn. Tá Dia láidir, a's Máthair mhaith aige."
"B'fhurasta aithinte go raibh a chuid maitheasa ar iarraidh, a's nach mbuailfeadh sé aon-bhuille sa mbéim tí (= ní) budh mhó."
"Ní fheice tú aon-bhuille sa mbéim ionnam níos mó. Leágha na bhFíann, ní leigheasfadh mé anois." "Hébrí cé'n scannradh a cuireadh air, an oidhche sin, níor fhan aon-bhuille sa mbéim ann, ó shoin." "Níl mé chomh craithte, a's feicthear dhuitse. Tá buille sa mbéim ionnam fós, míle buidheachas le dia. Cá bhfios (d)o(n) té sin! B'fhéidir go gcuirfinn thusa fós, dhá dhonacht mé." "Níor fhága an iarraidh sin, buille sa mbéim ann beag ná mór." "Tá a bhuille sa mbéim ar iarraidh anois an duine bocht." "Ná fág a' sean-fhear as margadh ach an oiread le duine. Tá buille sa mbéim ann fós, dhá aosta dhá bhfuil sé." "D'imthigh an buille sa mbéim as uileag le goirid." "Dhá mbeadh buille sa mbéim a' bith ionnam fhéin d'ionnsóchainn é — ach níl faraor!" "Ó thiocfas duine aois a' phinsean anois, is beag an buille sa mbéim a fhana(nn)s ann uaidh sin amach." "Dár príosta, tá buille sa mbéim 'san athair fós. Dheamhan 'fhios do(n) té sin! Dhá bpósadh sé fhéin aríst, nach deas a' bhail a chuirfeadh sé orra(b), a's 'chuile shúil le Dia aca(b) le na bhás, lá ar bith." "Is doiligh d'fhear a bhfuil na cheithre scóir sáruighthe aige, buille sa mbéim a bheith ann."
"Céard a bhéarfadh dhó buille sa mbéim a bheith ann, a's é ins na

déaga a's trí fichid."

"Is do-chreidthe an scéal é, go dtiocfadh buille sa mbéim sa nGaedhilge aríst, a's chomh h-imthighthe a's tá sí ar fud na h-Éireann."

"Shíl Sasana 'bliadhain a' droch-shaoghail' ('47) nach dtiocfadh aon-bhuille sa mbéim i muinntir na tíre seo, le na loiseag aríst, ach breagh go dtáinic, in a dheidh sin, a's ná raibh maith ag Sasana dhá bhárr!" "Tá'n dream sin (i.e. dream áithrid poiliteachta a bhí igceist ag an gcainnteoir) tugtha anuas go mór le scathamh, ach tá buille sa mbéim ionnta(b) fós."

"Is iomdha splíontaidheacht a thug na Goill (= na Gaill) dúinn, ach d'fhan buille sa mbéim ionainn dhá mbuidheachas, a's fanfa le congnamh Dé, má chuireann muid fhéin le chéile."

"Breagh nach dtiocfadh splannc fir ionnad uair eicínt, nó a' bhfuil buille sa mbéim a' bith fanta ionnad."

"Badh mhór i gceist é scathamh (i.e. bó mhór poiliteachta; a mbíodh trácht air go minic i bpáipéir a's i lanndáis) ach níor chuala mé tada uaidh le goirid, nó 'bhfuil buille sa mbéim a' bith fanta anois ann?"

"Is beag adéarfadh chúig bliadhna ó shoin, go mbuailfeadh sé aon-bhuille sa mbéim le na ló aríst, ach tá sé in a shean-léim anois chomh maith a's bhí sé aon-oidhche ná aon-lá ariamh."

"Bhí liostachas fhada air, a's badh é comhrádh dochtúirí nach mbuailfeadh sé aon-bhuille sa mbéim go deo aríst, ach m'anam gur maith an mhaise dhó anois é, th'éis a ndeacha sé thríd." "Má tá sé buailte síos aríst, tá sé réidh le aon-bhuille sa mbéim a bhualadh, le na mharthainn." "Tá sé fánach ag créatúr bocht, nach bhfuil ag gabhail ar a bhéal, ó mhaidin go faoithin, ná ó Luan go Satharn, ach arán a's uisce, aon-bhuille sa mbéim a theacht ann. Ba scéal in aghaidh Nádúir é, dhá dteagadh."

"Deirimse buille sa mbéim leat! Tá sé ar a leabhar ag a' bhfiach dubh, tá sin." "Ní fhéadfadh aon-bhuille sa mbéim a theacht ann, ná ní fhéadfad sé aon-bhiseach a dheanamh, a's chomh claoidhte, tarraingthe, a's tá an duine bocht."

Buille maitheasa = mogal maitheasa nó oibre; punt oibre; déantús maitheasa dhá laghad; a dhath oibre; smeach maitheasa

"Dheamhan buille maitheasa a rinne mé le gabhail 'un seachtmhaine ná buille maitheasa a d'fhéad mé a dhéanamh ag doightheachaí"

"Dheamhan buille maitheasa a rinne sé le coicís, ach ag imtheacht a' fálróid, a's a' seiteamus le na comhursanaí."

"Dheamhan buille maitheasa a fhéadaim a dhéanamh ag iarraidh beithidhigh a fhaireadh gan a dhul imbradghail." "Dheamhan buille maitheasa a' bith is mian leis a dhéanamh, ach cead-scuir a fhaghail." "Tá saoghal na bhfuigheall aige, gan buille maitheasa a' bith." "Dheamhan buille maitheasa a' bith a bhí air annsiúd, ach in a dheidh sin, níor leig an leisce dhó aire a thabhairt dhá cheann-posta."

"'Bhfaca tú dream a' bith ariamh nach bhfuil buille maitheasa a' bith orra(b), ach maighistirí scoile? Cupla uair sa ló, a's leath na bliadhna in a gcomhnuidhe. Is olc a' tír atá dhá n-íoc, leabharsa." "Dhá dhream nach bhfuil call dóib buille maitheasa 'bith a dheanamh — máighistirí scoile a's póilíos — a's dhá laghad, dhá ndéanann na maighistirí scoile, dheamhan buille 'bith ar na póilíos."

"Dheamhan buille 'bith oibre air annsiúd, ach cupla loiligheach a bhleaghan, a's tá saothrú maith dhó ar a' méid sin fhéin."

"Marach a chuid leisce a's leontaidheachta fhéin, nar thug aire dhá ghna(ithe), dheamhan buille a' bith a bhí air sin sa teach mór; ach bhuail uabhar é, a's fágann sin é fhéin go dona anois."

"Tá'n saothrú beag, ach dheamhan a' fiú dhuit a rádh go mbeidh buille maitheasa ar bith ort ann." "An buille fhéin, ní dhearna sé le mí anuas, ach ag imtheacht ar ragairne, a's a' déanamh aois díobhaill i gcaith(eamh) na h-oidhche ar fud na tíre."

"Níl deantús maitheasa a' bith ann. Is annamh a ghníonn sé aon-bhuille oibre." "Ní leigfeadh corp leisce dhó buille a dheanamh."

"Níl buille 'bith déanta agham ó mhaidin, ach a' coinneál cainnte le T. Mh." "Mara ndéana tú buille eicínt thairis sin, b'fhearr dhuit eirghe as ar fad — b'fhearr sin!"

"Dheamhan buille dhá bhárr" = ní dhéanann sé mogal (smeach, punt, a dhath) oibre." "Is mairg dhuit nach bhféacfadh le buille eicínt a dhéanamh fharrus mar atá tú." "Níl mé indon aon-bhuille a dhéanamh, in áit ar bhain mé stangadh as mo dhruím, leis a' bhféar, tá goirid ó shoin." Cé'n chiall nach ndéanann sé buille 'bith oibre ar an aimsir seo?" "Ní dhéanfa na daoine aon-bhuille aríst go bráth, ach grásta Dé" (ar dhroch-aimsir). "Dheamhan buille déanta agam, de bhláth bliadhna fós" = ní dhearna mé aon-obair fós imbliadhna. "Tabhair cead dhom buille eicínt maitheasa a dhéanamh, a's ná bí do mo mheárú mar sin igcomhnuidhe." "Ní bhíonn buille a' bith ar lucht a' tsléibhe igcaith(eamh) an gheimhridh" = ní bhíonn orra obair ná luadhainn a dhéanamh. "Ta macnas air, cheal aon-bhuille maitheasa a dhéanamh." "D'uireasbha aon-bhuille oibre a dhéanamh, atá an rachmall sin air. Deirimse leatsa gur beag a' rachmall a bheadh air, dhá gcaitheadh sé an cladach a thabhairt air fhéin 'chuile mhaidin le giolcadh an éin, mar dhéana(nn)s tuille." "Níl fhios aige siúd le aon-bhuille a dhéanamh, tá sé chomh díomhaoineach sin." "Is deacair dhó buille oibre a' bith a dhéanamh amuigh, a's an t-áirdeall nach mór dhó a dheanamh ar an áit istigh." "Beannacht dé dhuit, a dhuine sin! Dheamhan a' buille fhéin a rinne mé le mí, ag ruaig tinnis a bhuail mé, th'éis na Nodlag." "Má's leat aon-bhuille maitheasa a dhéanamh, ní fhéadfa tú an oiread cion a bheith agad ar a' leaba a's atá." "Cé'n chaoi 'bhféadfadh sé aon-bhuille maitheasa a dheanamh. Níor cuireadh fír na maitheasa ann, nuair a bhí í 'chuir ann." "Tá sé idtír na h-óige ann a mhic ó! Togha na beatha a's gan buille maitheasa ar bith!" "Fuair tú amach an té a dhéanfadh aon-bhuille ar foghnamh — é sin!" "Bhí spailpín agam bliadhain go h-am seo, a's dheamhan buille 'bith ba mhian leis a dhéanamh. B'éigin dom bóthar amach a thabhairt aríst dó, a's duine eile a fhaghail." "'Sí a leas-mháthair a thóigfeadh air, gan aon-bhuille a dheanamh, scáth a 'bhfuil sé 'fhaghail ar a son." "Thosuigh na fir oibre a' ceasacht páighe, a's mhionnuigheadar a's mhóidigheadar, dheamhan a' buille (dheamhan oiread a's an buille) a dhéanfaidís go bhfaghaidís árdú."

Buille Rámha (iomradha) = iarracht aonraic iomradha ar na maidí rámha.
"Bhí dhá bhuille rámha (nó dhá bhuille iomradha) ar a' mbád" = beirt iomróirí. "Níl uirre ach buille amháin iomradha" = ní fhéadfadh iomhramh innte ach duine." "Tá bád dhá bhuille aige."
"Cuir (buail) buille iomradha ar an mbád" = teirigh ag iomramh.
"Níor cuir siad uirre thar bhuille amháin iomradha."
"Ní raibh call dhuinn a chuir uirre ach buille amháin, leis a' gcóir a bhí againn." "Ní raibh ach buille iomramha ar a' gcurra(igh) ar a bealach isteach dhi." "Thug sé sa leath-bhord í, a's chuir sé buille iomradha uirre." "D'airigh sé an buille iomradha uirre isteach ar feadh an bhealaigh, ach nuair a bhuail sé caladh, níor léar dhó go raibh duine ar bith sa gcurrach ach é fhéin. Chaithfead sé nar dhuine saoghalta a bhí thiar aigeán a tóin."
"Thiubharfadh buille amháin ar chaladh shábhala iad, ach bhí an báthadh le na n-aghaidh" = daoine a báthadh "láimh le tír".
"Dhá bhuille rámha, tiubharfa siad isteach ar an oileán thú. Níl sé achar a' bith ó'n tír." "Cuirfe buille eile suas ar a' talamh tirm í (currach)." "Buille eile a's bheadh sí buailte agad ar a' tráigh." "Tá an-bhuille iomradha aige."
"Níl air ach buille iomradha a thabhairt dhá bháidín, uair a' bith a mbuailfe uaigneas é ar an oileán, a's beidh sé istigh ar a' tír." "B'éigin dóib a dhul ar na buillí" = bádóirí nach mbeadh aon-chóir aca chaithfidís, a dhul ag iomradh.
"'Chonnaic sé chuige an currachán snámha, iomramh céad, a's gabhail dháréag a's gan uirre ach aon-bhuille amháin'" [as "Céadtach Mhag Fhinn Rí Éireann"]. "Tá sé chomh maith dhom a rádh nach raibh uirre ach aon-bhuille amháin, arae, níorbh fhiú trumpa gan teanga an t-iomróir eile. Is mó a bhí sé 'cuir as dhuinn." "Coinnigh buille iomradha uirre, go dtaosga mé í." "Níl aon-bhuille (d)e rath aige" = ní iomróir maith é.
"Bhí muid ar a' bhfeatha (meath?) mhóir, ach is gearr a bhí lom gaoithe andeas, a's dhá buille iomradha dhá(r) dtabhairt 'un tíre." "Bhí siad a' cur tharta(b) ar aon-bhuille amháin" = bhí siad ag iomradh, a's na maidí ar chomh-imtheacht, ionann's nach mbeadh ar a' mbád ach buille amháin.
Bhí siad a' teacht buille ar bhuille" = le h-ais a chéile (dhá bhád, dhá ord etc.)

Buille faoi thuairim = baramhail, meas, tuairim

"Nach bhféadfá buille-faoi-thuairim a thabhairt faoi (air)" = baramhail réidh-thuairim. "Ní fhéadfainn mionnú air. 'Sé 'bhfuil agam buille-faoi-thuairim." "Níor thomhais mé é, ach tá buille faoi thuairim agam, go bhfuil sé leithchéad coisméig (portach)"

"Dhá mbeadh buille faoi thuairim a' bith agham, cé'n áit a bhfaighinn é, thiocfainn ar a thóir."

"Thiubharfá buille faoi thuairim maith dhó, gan é a mheádhchan chor a' bith." "Tá an-bhuille faoi-thuairim aige" = thomhaisfeadh sé, nó bheadh sé indon baramhail mhaith a thabhairt, cé'n meadhchan aoirde etc. rud. "Thug sé buille faoi thuairim go raibh an mhuic, naoi gclocha go leith ar a cois, a's ní raibh sé i bhfad as, ach oiread." "Is olc a' buille faoi-thuairim é sin" = tá sé (tú etc.) i bhfad as." "Dhá mbeinn indon buille faoi thuairim fhéin, a thabhairt faoi, bheadh liom." "'Sé a mbeidhinn 'iarraidh buille faoi thuairim, cé mhéad 'spray' a theastóchadh uaim, a's níor mhiste liom faoi nó as a chíonn annsin é."

Buille spleádhach = buille imeartha; buille a buailfidhe i ngan fhios; buille feill; buille a bhuailfeadh duine a's é 'leigean air fhéin, le na línn, go raibh sé in a dhá chuid déag leat. "'Sé thug an buille spleádhach dhom."

"Má theigheann tú dhó, mar tá mise a rádh leat, gheobha tú buille spleádhach air. Má thosuigheann sé a' gabhail le buile, abair nach raibh aon-neart agad air, a's nach raibh tú ag iarraidh a ghortú." "Bhí sé leis, ariamh, ariamh go dtug sé buille spleádhach isteach faoi'n gcroidhe dhó."

"Sé'n buille spleádhach a gheobhfas sé sin ort, má fhéadann sé, ach cé measa buille eile." "Tosuigheann sé ag ealadhain, a's ní bheadh fhios an sougradh (= sugradh) nó dháiríre é, nó go bhfagha sé a dheis, le buille spleádhach a thabhairt duit." "Leig de do chuid buillí spleádhacha ormsa anois. Má tá tú ag iarraidh achrainn, buail ceart mé."

Buille dalba, céadtach, diabhalta, áidhbhéil etc. dubh-bhuille etc. "Tá buille dalba aige." "Thug sé buille dalba dhom le fás fuinnseoige." "Fuair sé na buillí céadtacha, a's má fuair fhéin, ní bhfuair sé a chomhairleachan in a dheidh sin." "Fainic thú fhéin air! Tá'n buille céadtach aige." "Ní aireocha tú choidhchin go dtuga sé cuaibhtheach de bhuille dhuit — buille céadtach — a dhéanfas pleibistín díot ar áit na mbonn." "Tá buille áidhbhéil aige, má eirigheann leis a' dorna a leathnú ceart ort." "Is áidhbhéil a' buille a thug tú uait, dhá mbeadh tada roimhe!" "Má fhaghann tú buille acab siúd (i.e. de na buillí áidhbhéile atá aige), déanfaidh sé ceirtlín díot." "'Siúd é an 'dia aithnighthear' — é fhéin a's a cuid buillí diabhalta" = "is fiú é 'sheachaint, mar tá an t-an-bhuille go deo aige" = "is cóir fanacht ó'n a bhuille, mar ní éadail a' bith é." "Tá'n dubh-bhuille aige" = an-bhuille; buille teann teangmháilte. "Thug mé an dubh-bhuille uaim." "Fuair mé dubh-bhuille uaidh, gan aireachtáil a' bith." "Tá fíor-bhuille aige" = dubh-bhuille; an-bhuille amach a's amach. "Tá buille ciotach aige" = iarraidh a chuirfeadh as do bhuille thú; iarraidh spleádhach; iarraidh a gheobhfá in áit nach mbeadh aon tsúil agad léithe." "Tá an-bhuille ciotóige aige" = "tá sé indon an-iarraidh a thabhairt uaidh le na chiotóig.

"Buille marbhthach" = iarraidh a thiubharfadh leath-mharbhú ort; droch-iarraidh; dubh-bhuille. "Tá'n buille marbhthach i gcomhnuidhe aige." "Ghreamuigh an buille marbhthach dó ariamh fhéin." "Má theigheann sé ar bhualadh chor a' bith, buillí marbhthacha a thiubharfas sé uaidh." "Tá beith ar a láimh, an buille marbhthach a thabhairt uaidh i gcomhnuidhe." "Is cinneamhaint air é, nó tiubharfa sé an buille marbhthach uaidh." "Fan glan air siúd. Tá'n buille marbhthach aige." "Is measa dhuit dorna uaidh siúd, ná ó Gholl Mac Móirne. Tá'n buille marbhthach aige."

Buille = roinnt; cuid a' bheagáin; fionnadh beag
"Tá sé buille lag, l'aghaidh na h-oibre." "Bhí an lá buille fuar."
"Tá sé buille droch-mhúinte, má theigheann tú sa gceann sin
leis." "Bhí sé buille anglánta, faoi na caoirigh a dhul i
mbradghail air." "Déarfá go raibh sé buille doscudhach anocht
pé'r bith céard a chuir múisiam air." "Tá'n oidhche buille
dorcha thar an oidhche aréir. "Tá'n mála sin buille trom dhuitse
len' iomchur." "Tá'n bhó buille suaidhte, thar mar bhí sí idtús
bliadhna." "Tá'n casán buille bog ag asal anois." "Tá'n
mhairtfheoil sin buille láidir ag duine, le bheith dhá h-ithe dólom!"
"Ná cuir mórán araoide air anocht, arae tá sé
buille cantalach." "Tá sé buille sean anois, le bheith
a' bualadh báire. Ní fhéadfadh an choisidheacht a bheith aige,
th'éis a dhichill." "Tá sé buille dorcha thar dhuine eile" = tá
sé dúnárusach thar fhurmór na ndaoine; níl sé chomh
pléascánta le 'chuile duine eile. "Ní fhéadfadh a' féar sin gan
a bheith buille dreoighte, arae sé sin a' fáth, ní bhfuair
sé an ghrian." "Shílfeá go raibh S. B. buille súgach anocht.
Meastú cá'r eirigh sé leis?" "Tá sé buille deireannach
anois, le aghaidh a thabhairt in aon-áit." "Tá sé buille broc-
fhliuch le corruighe amach." "Tá fataí buille trom len ithe
a' dul a chodladh do dhuine." "Tá sé buille beag bainte
amach anocht." = tá fonn macnais nó siamsa air.
"Níor mhór dhuit a bheith buille dubhshlánach leis, má's leat
aon-cheart a bhaint dhe." "Tá sé buille beag puinnteáilte
thar an athair, ach is furasta dhó sin." Tá'n bhó bhreac
buille dodach le na bleaghán, go mbí cleachta aice ort."
"Tá sé buille beag basach, ach dar ndóigh, ní ó'n ngaoith a
thug sé sin." "'Sé clocha a bheinn 'iarraidh, ach níor mhiste
é bheith buille beag faoi nó as a chionn." "Sé troighthe
aoirde an phóilidhe, ach tá siad a' glacadh daoine atá
buille faoi anois, má bhíonn siad feilmheanach ar 'chuile
chaoi eile."

as buille = dhá mhaidí; treampán a chuir idir duine a's a mhian; a dhul imbárr rud ar dhuine, no cur as dhó sa rud a bheadh sé ar tí a chuir igcrích. (dhá bhuille amanntaí) "Cuireadh as do bhuille thú shílfeá." "Bheadh sé déanta anois agham, marach an chaoi ar chuir tú as mo bhuille mé." "Nuair a shílim a bheith ar dhruim na muice, sin é an uair a chuirtear as mo bhuille mé igcomhnuidhe." "Bhí liom, marach an chaoi, ar chuir an t-ógánach sin (féach ógánach) as mo bhuille mé. "Níl neart a' bith aghamsa ar a' moill, arae 'chuile uair dhá mbíonn súnás oibre orm, sin é an uair a chuirtear ar as mo bhuille mé."

"Bhí an liathróid amuigh aige, marach gur eirigh liom é 'chuir as a bhuille." "Níl neart agham fiachaint (= féachaint) le luach leithphighne a dhéanamh, nach gcuirfe duine eicínt as mo bhuille mé. Is mó dhá fhonn atá orm, gan tada a dhéanamh anois." "'Breagh nach n-éistfeá liom, a's gan a bheith de mo 'chur as mo bhuille 'chuile phuínnte?"

"Is beag a thaithnigh leis gur cuireadh as a bhuile é, muis."

"Is fánach a' rud atá indon duine a chuir as a bhuille, nuair nach mbíonn aon-luighe leis an obair aige."

"Is fadó an lá a bheadh ceart bainte de Shasana ag D. marach an dream, atá acht a's áithrid, ag iarraidh é 'chuir as a bhuille." "Bheadh an geábh sin liom, marach an diabhlánach sin thíos, a chuir as mo bhuille mé."

"Bheadh an cheist fuascailte, dhá mbeithí gan mé 'chuir as mo bhuille." "Dhá bhfaghainn cead mo chinn, a's gan mé 'chuir as mo bhuille, b'fhéidir go mbeidhinn indon sin fhéin a dhéanamh."

"Má chuireann tú as a bhuille chor a' bith é, ní dhéanfa sé mogal duit uaidh sin amach." "Nach deas a cuireadh as a bhuile é, a's gan súil a' bith aige leis." "Tá sé imeartha. Is deas a chuir sé as mo bhuille mé, a's mé 'siúráilte' go raibh liom." "Cuireadh as do bhuille thú a dhuine bhoicht!" = duine a raibh bleid buailte aige ar chailín, a's chuaidh duine eile in a bhárr air.

"Tá mé as mo bhuille agad"

As a bhuille: baintear féar as a bhuille nuair a craithtear nó a leigtear amach as a' tsraith é le na thiormú, no nuair a craithtear é le corrán nó le píce féir th'éis a spealta, leis a' salachar, na fothannáin, na giosadáin a's eile a bhaint as. "Tá sé chomh maith dhaoib an slaimín féir sin thiar a bhaint as a bhuille indiu, ó thárla sibh réidh go dtí é." "Tá móinfhéar annsin thíos agham atá spealta le dhá lá, a's dheamhan slam dhe a baineadh as a bhuille fós, ná 'raibh aon-ghoir agham corrán a leagan air, le 'bhfuil de chruadhóig thairis orm." "Níl an aimsir in araidheacht aon-fhéar a bhaint as a bhuille — níl sin." "Tá sé chomh mhaith dhaoibh an lá breagh a thapú, a's an gharraidhe féir sin thiar a bhaint as a bhuille, a's é leigean amach. Má sheasann a' bhroththaighil seo, beidh sé indon cocaí beaga a dhéanamh dhe trathnona." "Is mairg dhaoib nar bhain a' cúl thoir as a bhuille freisin, a's bheadh congnamh maith trioma(igh) anois air." "Seo í an uair le féar a bhaint as a bhuille." "Ar maidin a bhain mé an cúilín sin as a bhuille, a's inDomhnach, má fhaghann sé lá eile mar a' lá indiu, beidh sé in araidheacht é a chur i gcoca moinfhéir." "Is dona a chruthuigh tú nar bhain a' garraidhe sin as a bhuille indiu, a's ní aireochthá go mbeadh sé in alt a choctha agad." "Indé a baineadh an bhuaic sin de'n pháirc as a bhuille, a's feiceann tú fhéin go bhfuil sé in alt a choctha indiu." "Bhí an ghail bhruithte ag eirghe as, gan é 'bhaint as a bhuille chor a' bith." "Craith amach é a's bain as a bhuille é."

"Chuir tú as mo bhuille mé" = bheadh buille (buailte) agamsa marach thú. Chosain tú buile orm. "Chuir sé as mo bhuille mé leis a' gciotóig." "Tá sé an-úsáideach le na lámha. Is beag duine nach gcuirfeadh sé as a bhuille" (tá sé indon na buillí a bheadh a' teacht air, a chosaint go maith). "Chuir tú as mo bhuille mé" = chuaidh tú idir mé a's bean eicínt a bhí gabhthach liom; bhain tú bean díom; chuir tú araoid eicínt orm fhéin a's ar bhean a bhí gabhtach liom.

"Is mór (diabhaltaidhe etc.) an buille ort, nar fhéad tú imtheacht indiu" = is mór an nídh ort; is díol truaighe thú, nar fhéad tú imtheacht indiu; is rud é a chuirfeas as duit, nar fhéad tú imtheacht indiu.

"Is mór a' buille orm, gur cailleadh an bhó orm." "Is mór a' buille air, mara bhféada sé a dhul a' saothrú." Deir (= dar) liom fhéin gur mór a' buille ar dhuine, a bheith d'uireasbha foghluime, ar a' saoghal atá ann." "Is mór a' buille ort é, mar sin fhéin, mara mbeidh an Béarla agad, má chaitheann tú an baile a fhágáil." "Is mór an buille ar na daoine, an mhairtfheoil sin a stopadh." "Níor mhór a' buille chor a' bith na beithidhigh, dhá mbeadh aon-tsaothrú ann tharta(b), ach dheamhan saothrú ná cuid de shaothrú." "Is diabhaltaidhe an buille ort do 'bhicycle' a bheith buailte suas. D'fhéadfá eirghe amach dhuit fhéin corr-uair, fharrus a bheith cuibhrighthe istigh i gcomhnuidhe." "Ní buille go dtí é a mhic ó!"

"Is mór a' buille orainn, an díleághadh a bheith ar a' (= ar) gcuid, ní ceasacht ar dhia é." "Is diabhaltaidhe an buille ar a' duine bocht, gur loic an cur air, imbliadhna." "Is dalbaidhe an buille ar a' tír seo, go bhfuil Meriocá buailte suas sa saothrú. Airigheann cuid mhaith é, a d'fhaghadh lán laidhre 'chuile Nodlaig roimhe seo." "Is mór an buille air go raibh sé buailte suas, i gcaith(eamh) an Earraigh. Níor chuir sé síol idtalamh fós imbliadhna." "Abair gur mór a' buille air é! Cé'n bhrigh dhá mbeadh slighe ná fághaltas a' bith thairis ag an duine bocht, ach níl." "Ní aireocha lucht airgid, an tae bheith árduighthe, ach indomhnach fhéin, is mór a' buille ar a' duine bocht é." "Is mór a' buille air, nach bhféadann sé a dhá láimh a chuir timcheall ar a' saoghal, a's é a chrapadh leis dhó fhéin ar fad" (duine sanntach, an-tlásach, gar dhó fhéin). "D'fhéadfá 'rádh gur mór an buille na sicíní uileag 'imtheacht, ach ní anois 'aireochas muid iad, ach amach annseo, nuair nach mbeidh ubh ná eirín againn le n-ithe ná le díol."

"Sin é an buille!" = sin é an scéal; sin í an cheist.
Sin é an rud atá idir-chamánuidhe, le réidhteach nó le
fuascailt.
"Ach a' dtiocfa sé? Sin é an buille!"
[Tabhair faoi deara an deifríocht idir ciall a's béimniú sa gcéad
cuid, de réir mar cuirtear "!" nó "?" in a dhiaidh. Chiallóchadh sé
a's "!" in a dhiaidh, a's e 'rádh go
fonóideach, nach dtiocfad sé go bráth. Bheadh comh-bhéim
ar na focla uileag sé'n rud ceart mar seo, "ach
a dtige se", ach b'fhéidir go n-abróchthaidhe an
rud tuais-luaidhte, nuair a bheithidhe a' magadh
nó a' fonóid faoi dhuine adubhairt "tiocfa sé" roimhe
sin. Má cuirtear "?" in a dhiaidh, ní mór "sé" a bhéimiú.
Is ceist a bhíos ann an uair sin]

"Déarfa mé leis é, má fheicim é. Ach a bhfeicfe mé é? Sin
é an buille!" "D'íocfainn ar a' bpuinnte boise é,
dhá mbeadh a' t-airgead agham. Ach níl a' t-airgead agham. Sin
é an buille!" "D'ólfadh sé, dá mbeadh a dheis aige,
ach níl a' dheis aige. Sin é an buille, a's an buille
dháiríre!" "A' gcuimhneocha sé, é a mheabhrú dhó
chor a' bith, sin é an buille!" "Níl líon
lé agham. Sin é an buille! Níl aon-ghoir agham a dhul
in aon-áit d'uireasbha, díol mo fhreastail." "Íosfa
sib an rud go maith, ach cá bhfaighthear a luach? Sin é
an buille!" "Is furasta bean airgid a rádh, ach cá
bhfaighe sé bean airgid? Sin é an buille!" "Tá sé
sean, a's níl aon-láthar ann. Sin é an buille!"
"Níl scruball a' bith agham, an t-airgead a iarraidh air, ach
a dtiubharfa sé aon-toradh orm? Sin é an buille!"
"Dhá mbeadh fhios aghainn, céard a rinne sé leis an
bpáipear chúig phunt a fuair sé, ach sin é an buille!"
"Tá sé a' gabhail le gaoith na gcnoc, a's ní éistfe sé liom. Sin é
an buille!"

"Ar bhuille an chluig" = díreach ag an am; an t-am a mbuailfe an clog; an t-am a bheadh ceaptha amach.
"Má's lib a bheith ag imtheacht, tá sé in am agaibh, arae tá sé ar bhuille an chluig anois."
"Níor bhuail sé an seacht fós ach tá sé ar buille an chluig anois." "Níl sé baileach an h-aon, fós, ach tá sé ar bhuille an chluig anois." "Níl an leath-uair, caithte amach a's amach fós, ach tá sé ar bhuille an chluig anois = "mara bhfuil an leath-uair caithte fós, tá sé ar na puinntí aige." "Ná corruigh go mbeidh sé ar bhuille an chluig, mara dheamhan a' marbhuigheann a' deifir é siúd, a' corruighe." (Dá mbeadh focal tugtha agad do dhuine go gcasfá leis, nó go mbeitheá, roimhe, in áit eicínt).
"Bí amuigh anois, ar a' dá luath, a's a mbeidh sé ar bhuille an chluig." "Deir tú leis, nar chorruigh go raibh sé ar bhuille an chluig, a's sáthach drugallach a bhí sé ag gabhail amach an uair sin fhéin."

"Tá sé ar na buillí aige anois" = tá sé ar na puinntí aige anois (am); ionann's é; indáil le; beagnach.
Ceist: 'bhfuil sé an dó fós?
Freagra: 'tá sé ar na buillí aige anois'.
"Níl sé in am scuireadh fós, ach tá sé ar na buillí aige." "Níl sé in am gluaiseachta fós, ach is gearr go mbí sé ar na buillí aige." "Ní baileach go bhfuil sé an deich, ach tá sé ar na buillí aige." "Níl sé in a lá fós, ach tá sé ar na buillí aige." "Níl sé in a lá fós, ach tá sé ar na buillí aige, nóiméad a' bith feasta."
"Tá sé ar bhuille (bhuillí) an trí anois" = an trí a chlog.
"Tá'n tsnáthad mhór ar bhuille an dó." "Is ceart dó a bheith ar bhuille an h-aon-déag feasta." "Ní cúrsaí cuarta é, a's buille an naoi bainte aige" (an naoi buailte ag an gclog). = tá sé ro-dheireannach le cuairt a dhéanamh.
"Tá sé thar am a dhul abhaile. Nar bhuail sé an dá bhuille dhéag?"

"Níl aon-bhuille bog sa mbuachaill sin!" = níl aon-bhoigréis nó boigshíneadh ann; ní furasta imeartas air, nó dallach-dubh a chuir air, ná é' mhealladh.

"Fuair tú amach é, muis, an té a mbeadh aon-bhuille bog ann!" "Má fhaghann sé buille bog a' bith ionnad, imreocha sé ort de do mhíle buidheachas. Dhá bhrighthin sin, is fhearr dhuit a bheith ar t'áirdeall fhéin in am." "Is maith nach mór dhuit a bheith ar t'áirdeall fhéin, nó má fhaghann sé buille bog a' bith ionnad, beidh sé a' tuinne(amh) leat, go gcuire sé an oiread de'n dallach-dubh ort, a's go ndeana tú margadh leis." "Ná bíodh aon-bhuille bog ionnad a' plé leis sin, nó beidh a lear ort fhéin; creid mé dhuit ann."

"An té a n-aireocha sí siúd aon-bhuille bog ann, racha sí suas in a mhuinchille, deirimse leat." "Chuirfeadh an ceann céadna an chluain mhaoineach ar an nGaduidhe Dubh, le teann imeartais, a's bladair. Mar sin, ná faghadh sé aon-bhuille bog ionnad, ach teirigh go bun an-eangair (amhgair?) le do mhargadh." "Thapuigh sé 'dheis, a's 'sí a leas-mháthair a thóigfeadh air é, ó thárla go bhfuair sé an buille bog ionnad."

"Shíl mé nach raibh buille bog a' bith sa gcailín sin, fharras aon-bhean sa tír. Cheapfá uirre go raibh sí ciúin céillidhe."

"Is buachaill báire é, má fhaghann sé bean a' bith a mbeidh aon-bhuille bog ínnte." "Dheamhan buille bog a' gabhail leithe sin." "Cailín a' bith a' n-aireocha an leiciméara siúd aon-bhuille bog innte, is bean le fán a' tsaoghail í."

"Níl buille bog a' bith ann, a' déanamh margaidh, ach ní fhágann sin, nach fear gnaoidheamhail é. Chaithfeadh sé luach bó leat, dhá mbeadh aon-bheann aige ort."

"Má airigheann siad siud buille bog a' bith ionnad, leagfa siad ort"

"Duine a' bith a' n-aireocha siad siúd aon-bhuille bog ann a' glaodhach óil, suidhfe siad in a bhun. Dheamhan sileadh a thiubhrainn dóib, dá dtuiteadh a' teanga amach asta(b) le dúil ann."

"Is maith an buille í" = "is maith an dóigh í." = bean dhéanta théagarthach, a bheadh in a h-ughdar maith buime nó in a dóigh maith cloinne. "Ní droch-bhuille chor a' bith í." "Is ait a' buille í, pébrí cé gheobhfas le pósadh í." "Tá buille maith aige" = bean urradhanta láidir.

Buille marbh: do mhaidí a leigean le sruth roinnt; nó claochmú beagán, dhá mbeitheá ar do thairm oibre; ball lag nó fabhtach i rud.
"Níor leig sé aon-bhuille marbh in a chuid oibre ó mhaidin" = tá sé ar aon-táirm amháin ag obair ó mhaidin; thug sé aire dhá chuid oibre.
"'Siúd é an ceann céadna nach leigfe aon-bhuille marbh in a ghna(ithe), ach ar a táirm i gcomhnuidhe." "Is cruadh an cás é, má leigeann sé siúd, aon-bhuille marbh in a chuid oibre."
"Leig sé buille marbh 'san iomradh" = chlaochmuigh sé beagán 'san iomramh. "Ní mór dhuit coinneál uirre (bád), a's gan aon-bhuille marbh a scaoileadh 'san iomramh." "Níor fhéad mé aon-bhuille marbh a leigean in mo chuid oibre indiu, arae bhí féar leigthe amach agham, a's dheamhan a rabh fhios agham, cé'n puinnte a dtiocfadh an múr." "Níl goir agaibh aon-bhuille marbh a leigean ionnaibh fhéin aríst, go mbí an t-Earrach curtha."
"Ní fhéadann fear na h-áite seo aon-bhuille marbh a leigean in a chuid oibre aon-uair. Ní túisce obair críochnuighthe ná 'bheidheas cruadhóg eicínt eile a' breith air."
"Is mór is fiú dhuit an ceann-oibre sin a bheith críochnuighthe agad, arae is féidir leat do scíth a leigean anois, a's corr-bhuille marbh a leigean in do chuid oibre go dtaga Earrach aríst."
"Thú fhéin a bheidheas síos leis, má leigeann tú aon-bhuille marbh in do ghnaithe." "D'fhága sé buille marbh sa súgán." = ball bog nó giota nar chuir sé a dhíol fuinnimh ann, a's a bhí fabhtach dhá bharr sin. "Ní raibh aon-bhuille marbh ionnam ó mhaidin deirimse leat" = níor fhága mé tada in mo chomhnuidhe ionnam fhéin, ach ag obair liom ar mo tairm; bhí chuile bhall a' gabhail liom ar díocas, nó ar a miotal." "Níor fhága an t-ualach sin aon-bhuille marbh ionnamsa" = badh é mo shean-eire é.

Buille na snighe = an buille buaic; buille na speirthe; an buille criogtha (Achréidh) [snighe = snoigheadh, snaighe? = lagadh, criogadh, tabhairt 'un talmhan] "Bhí buille na snighe agham péin" = is agham a bhí an buille deire; thug mé talamh do mo chéile comhraic = chuir mé ó mhaith é le buille. "Is maith a chruthóchas tú, nó beidh buille na snighe aige siúd" "Ní mian leis imtheacht gan buille na snighe a bheith aige" = an focal deire de'n chainnt; an gob nó an tsáithteán deireannach a thabhairt uaidh; brabach a fhaghail ar a' gcainnt indeire na cúise. "Cinnfe air, nó beidh buille na snighe aige." "Is maith a bheidheas tú ar do mhaidí nó beidh buille na snighe aige." "Dhá mhéad brabach (cainnte) dhá bhfaighe tú air, béarfa sé buille na snighe dhuit as a dheire." "'Sé is tráthamhla (i.e. i gcainnt) dhá bhfaca mé go h-iomdha. Bíonn buille na snighe aige i gcomhnuidhe, igcomhnuidhe." "Hébrí cé'n comh-oide múinte a bhí aige, tá sé indon buille na snighe a thabhairt uaidh i gcomhnuidhe" = pé'r bith cé mhúin a' deagh-chainnt nó'n nathuidheacht dó, bíonn brabach cainnte i gcomhnuidhe aige ar 'chuile dhuine eile. "Ar chuala tú chomh h-aigeanta a's a thug sé buille na snighe uaidh ar deire thiar?" "Thug sé buille na snighe do'n mháighistir, dhá fheabhas de chainnteoir é. 'Sé atá deas air." "Dheamhan mórán mairge air siúd buille na snighe a thabhairt uaidh nuair a thogróchas sé é. Tá buadh cainnte aige" "Thug an sagart buille na snighe do'n mhinistéara as a dheire in a dheidh sin" (as scéal faoi shagart a's ministéara a bhí a' sáruigheacht nó a' cailicéaracht faoi cúrsaí creidimh. D'eirigh leis a' sagart gob maith a thabhairt do'n ministéara a chuir in a thost é, má's fíor do'n scéal).

An buille réidh — an suaimneas; an síothchán, gan aon-araoid a bheith agad ar aonduine. "Is fearr dhuit an buille réidh" = is fearr dhuit an suaimneas ná'n t-achrann." "Glac a' buille réidh" = ná bí a' troid. "Níl buille a' bith is fhearr ná'n buille réidh" = níl rud a' bith is fhearr ná'n síothchán. "Mo chomhairle dhuit, nach bhfuil buille 'bith is fhearr dhuit, ná'n buille réidh."

Búilleach = puca; a bheith sáruighthe; no a' dul thar fhoghail duine.

"Tá mé in mo bhúilleach aige" = "tá mé in mo phuca aige". Rud nach mbeitheá indon a dhéanta; rud a bheadh a' cinnt ort; rud a bhfuightheá do sháith go binn uaidh.

"Tá mé in mo bhúilleach ag an ngarruidhe céadna. Talamh craicinn láidir é, a's tá sé an-deacair" = "tá sé 'cinnt orm é 'chur, mar tá gruadh na talmhana roighin, cruadh, a's ní theigheann a' láighe thríd go h-éasca.

"Is mé atá in mo bhúilleach chríochnuighthe ag na breaclachaí céadna. Ní maith go bhféadfá iad a shiubhal, ní áirmhighim ualach a thabhairt thríob."

"Tá sé in a bhúilleach ag a' gcapall siúd, arae tá sé 'cínnt air, aon-cheart a bhaint dhi, faoi'n gcarr."

"Tá sé in a bhúilleach, ag feamuinn, a's é 'cínnt air freastal di" = tá an oiread feamuinne aige, a's nach bhfuil sé indon í, a chuir amach, ná as a' gcladach.

"Beidh mé in mo bhúilleach ag a' bhféar sin, mara n-eirighe liom fear fánaighe 'fhaghail" = mara bhféada mé duine a fhaghail ar a lá páighe, cínnfe sé orm aon-chóir a chuir ar a' bhféar cheal conganta.

"Tá mé in mo bhúilleach cheana le neart oibre, a's é cínnte dubh a's dubh orm freastal dá leath."

"Bhí sé in a bhúilleach ag a' gcloich, ag iarraidh í 'chur isteach sa gclaidhe, a's dá mbeadh sé léithe ó shoin, ní bhainfead sé filleadh ná feacadh aisti, go dtáinic congnamh."

"Is mór ab fhiú duit go bhfuair tú an méid sin fhéin congnamh, a's tú gan tú a bheith in do bhúilleach aige thú féin."

"Tá mé in mo bhúilleach ag na caoirigh céadna 'chuile lá sa mbliadhain d'uireasbha congnamh a chuibhreochadh iad."

"Mara bhfagha tú duine eicínt in éindigh leat, déanfa sé búilleach (dh)íot ag iarraidh é 'cheannsú" (bromach a bhí faoi'n scuir)

"Marach gur chas Dia aníos thú, bheinn in mo bhúilleach ag na cupla uan sin. Tá mé ag iarraidh breithe orra(b) le na gcoisceadh."

[féach "coisceadh"]

Buinne = ainm-fhocal firinscneach: uimhir iolraidh buinní, buinnidheachaí
= rása fighte de shlata; aige slat; fonnsa; das, brionglán
nó buinneán.

"Tá sé in am agad buinne a thógál ar a' gcliabh sin." "Seo é
an buinne béil." "Fáisc buinne tónach air, a's beidh sé
ceart." "Níl na slata seo sáthach urradhanta l'aghaidh
buinne." "Níl tú a' fígheachán a' bhuinne sin ceart.
Scéithfe sé aríst. Is furasta le na slata sin scoradh,
mara ndéana tú mar is ceart é." "Breagh nach
dtóigeann tú an buinne láir feasta? Tá sé in am
aghad."

"Na h-easnachaí a sáithtear sa talamh idtosach. Annsin cuirtear
buinne béil air — h-ocht slata déag. Sin é buinne na
h-ocht slata déag. Cuirtear aríst as a chíonn sin h-ocht
slata déag eile. Sin é an buinne láir. Slat eile a
sháith annsin le taobh 'chuile easna, go gcuirfeá h-ocht
slata déag eile ann. Sin iad na slata táis. Tóigtear
a' buinne táis leob, a's bíthear dhá bhfígheachán go mbíonn
siad caithte. Buinne tonach a chuir air annsin. Nuair
a bheadh sin réidh aghad, na slata a bheadh 'sna taobh-
annaí a leagan anonn a's anall air, a's na
slata éadain 'fhigheachán orra(b) sin, go gcuirfeá
an tóin air: I gciseoig, séard a chuirfeá buinne in
uachtar ar a' gcaiseal leob sin. 'Séard é fígheachán
a' chléibh — buinne h-ocht slata déag, fígheachán nó
buinne cheithre shlat, fhigheachán dhá shlat. 'Sé
fígheachán a' dá shlat, a' figheachán singil — níor mhór
cheithre slat l'aghaidh buinne. Buinne cam a chuirtear
ar chléibhín ime: árduigheann a' caoladóir taobh de'n
chliabh roimh an taobh eile" [Cuir síos ar fhigheachán
a's ar bhuinní an chléibh, ó chaoladóir — S. Ó. C. é
an sliocht réamhráidhte].

"'h-ocht gcinn de shlata nó de bharrógaí a cuirtear
imbuinne béil an phota gliomach." "Ní chuireann

cuid de na gliomadóirí buinne béil a' bith ar na potaí gliomach. Slaitíní sáithte a bhío(nn)s aca(b) air in a leaba." "Má theigheann a' tslat sin rása eile air, déanfa sin a' buinne." "Ní mór do bhuinne na táise a bheith an-fhighte. 'Sna táiseachaí a roisea(nn)s na cléibh i gcomhnuidhe." "Níl clóic a' bith ar a' mbuinne, ach sílim go raibh na h-easnachaí a cuireadh ann lobhtha críochnuighthe." "B'fhurast aithinte gur sa tóin a chlisfeadh sé. An oidhche a raibh sé dhá dhéanamh, bhí sé deireannach air, a's dheamhan mórán duthracht' a chaith sé leis a' mbuinne tonac, ach rith air chomh maoilscríobach a's d'fhéad sé." "'Sé buinne na táise a fhiacha(nn)s (= fhéachas) an caoladóir i gcomhnuidhe. Is deacair é 'thógáil." "Má's leat tóin a chuir ann, níor mhiste dhuit buinne tónach a chuir air freisin." "Níor mhór dhuit a bheith in do chaoladóir mhaith, le cléibhín ime a dheanamh. Is deacair buinne cam an chléibhín ime a thógál." "Coinnigh brúighte síos dhom iad seo, go dtóige mé an buinne tónach air." "Chuirfinn na buinní air ceart go leor, a's tá mé indon tóin a chuir ann, ach chinnfeadh na táiseacaí orm." "Sé'n buinne béil an chéad chuid de'n chliabh a thosóchas tú. Ar a bhéal faoi a dhéanfas tú é, a's tá'n buinne béil, thuas ag fiacail a' chléibh. Sí'n tóin an chuid deire a dhéanfas tú." "Is mór a' cheird í an chaoladóireacht fhéin. Chaith mé mo shaoghal a' breathnú ar chléibh dhá ndeanamh, a's dheamhan buinne a d'fhéadfainn a chuir ar cheann aca(b) fós." "Ní gan ú(idh) gan ó(idh) buinne a chuir ar chiseán. Tá caoladóireacht mhór air. Má's leat do théarma a chuir isteach le ciseadóireacht teirigh Muigh Cuilinn. Sin iad atá indon na ciseáin a dhéanamh." "Cé'n chaoi a gcuirfe mé an buinne seo anois air. Is fhearr dhuit fhéin é 'dheanamh, ar fhaitchíos go gcaithfí é roiseadh amach ar fad arís."

"Níl a' mbairille sin ach buinne amháin" = fonnsa a bhíos ar bharraille le na coinneál snadhmta 'na chéile. "Tháinic bairille faoi thír annseo an bhliadhain cheana, ach bhí an buinne uachtair imthighthe dhi, a's má bhí aon-éadáil ann thuit sí amach as. Scríobhnóireacht aisteach a bhí air. Deir cuid aca(b) sin, gur ó'n bhFrainnc a tháinic sé." "Tá'n buinne íochtair imthighthe de'n bhairille sin amuigh. Ní mór lata nó rud eicínt a chuir air, le na choinneál daingnighthe." "Dheamhan easna de'n bhuinne nar imthigh de'n bairille 'spray' orm, a's níor fhan deoir a' gabhail leis, th'éis mo chuid anró." "B'fhéidir go bhfáiscfeadh an buinne sin aríst dhá gcuirtheá an tubán in uisce. D'atfadh a' t-uisce é." "Nuair a d'imthigh an bainne dhi, thuit cannda as. Dheasóchadh fear stuamdha fós é." "Scoilteann a' ghrian na bairillí sin, a's tuiteann na buinní dhíob annsin." "Is breagh an bairille é sin, dhá mbeadh buinne air." "Dheamhan fad méire againn le cuid beithidheach a bhrughadh, nuair nach gcuirfeadh sib, buinne ar a' gcíléar sin." "Níl ar a' stannadh ach aon-bhuinne amháin — buinne béil — a's tá sé sin fhéin ar bogadh." "Tá buinne tónach an bhairille mhóir ar bogadh. B'fhearr dhuit féachaint le na dhaingniughadh, shul má thuitfeas sé ar fad dhe." "Fuair T. C. a's N. bairille beag sa mbruth-faoi-thír, tá suím bliadhanta ó shoin. D'áitigh ar a' mbeirt a' dul dó, a' ceapadh gur ól a bhí ann, a's badh eadh freisin, a's ná raibh Dia leis, marar tuit an buinne tonach anuas lobhta dhe, a's dheamhan deoir a d'fhan ann nar dóirteadh amach sa snátha mara. Suidh an cupla síos ar a' dúirling a' caoineadh na h-éadála! Deir siad fhéin gur 'rum' a bhí ann, ach is dona a chreidfinn é." "Nuair a d'imthigh an buinne béil dhi, líon a' sáile isteach is na scáinneadhachaí a bhí idir na canndaí."

Buinne = Amanntaí, nuair a bhíonns scáinne a' teacht idir uachtair a's buinn bróg, nó idir a' bonn istigh, a's an bonn amuigh, nó má bhíonn a' dá bhonn a' scaradh, faightear sórt crios, a's líontar í le leathar, a's cuirtear isteach sa scáinne nó sa scaradh í. Buinne nó buinne leathair a tugtar air seo [focal é atá ionann's seirgthe].
"Is gearr nach mór dhuit buinne a chuir sa mbróig sin — tá'n bonn a' scaradh." "Má thugann tú an bhróig sin chuig an ngréasuidhe, cuirfe sé buinne isteach annsin duit a líonfas suas é. 'Sé'n truaighe na bróga sin a leigean i léig, arae tá uachtair mhaithe orra(b) fós." "Níl call tosaigh a' bith acab, ach buinnidheachaí a chuir isteach 'sna buinn, nach leigfe dhóib eirighe." "Mara dteighe tú roimh an mbróig, eireocha an bonn di. Mar sin b'fhearr dhuit, duine eicínt 'fhaghail a chuirfeadh buinne isteach annsin innte." "Níl a dhath maitheasa dhuit tairngí a chuir innte. Eireocha sí aríst. Níor mór stuádháil nó buinne a chuir isteach faoi'n tosach, le na choinneál fáiscthe síos." "Ní bheidh an tosach sin luighteach ceart ar a' mbonn, go gcuire tú buinne eatorra(b). Dá mbeadh stuadháil a' bith sean-leathair ann, dhéanfadh sé cúis." "Tá'n braon a' dul isteach idir a' dá bhonn. Airighim an fhraigh-fhliuchas ar mo chois. Ach ní bheidh mé mar sin feadh's mé a dhul go dtí an baile mór. Gheobha mé gréasuidhe eicínt a chuirfeas buinne leathair innte dhom." "Dheamhan díon deor 'sna bróga seo, ó cuireadh tosaigh orra(b) go h-áithrid. Is beag a' mhaith tosaigh a chuir ar a leithidí, má bhíonn na buinn scartha chor a' bith. Níor mhór buinnidheachaí a chuir ionnta(b) in aice sin."

Buinne bruach = an buinne béil nó an buinne uachtair. (is annamh d'aile a tugtar buinne bruach ar bhuinne béil cléibh ná a leithide. Buinne béil adeirtear mórán i gcomhnuidhe, mara mbí líonadh, stuadháil nó rud mar sin i gceist).
"Líon sé an ghloine go buinne bruach, a's shín sé chugam í."
"D'ól sé cupán poitín, a's é lán go buinne bruach."

"Chuir sé an ghloine go buinne bruach dhom fhéin in ath-uair,
as sin ní fhágfadh sé go n-ólainn 'chuile dheoir dhi."
"D'ól sé trí slaidhbhear as cosa idtaca, a's
ceann acab lán go buinne bruach. Isteach
leis annsin, a's marar chuir sé fuaim le 'bádóirín
Thír an Fhiaidh' castar leis é." "Bhí drad-líonadh maith
air, ach ní raibh sé go buinne bruach ná baoghal air."
"Dheamhan a n-ólfá a lán sin go buinne bruach anois,
go mbeirtí aríst thú. Ní olfadh ná aon-fhear ins
a' tír. Ná bí dhá innseacht domsa a mhic ó. Agamsa atá
fhios é." "Tá'n tobar lán go buinne bruach indiu."
"Thug mé mug mór bláthaighe dhó — an mug 'craobhach' sin
thuas a's é lán suas go buinne bruach — a's sé a d'ól
é go súighte. Ní raibh faitchíos a' bith orm, ach go raibh
sí géar, ach shílfeá go raibh an-dúil aige innte."
"Líon suas go buinne bruach dhom é. Sé'n biadh
nuadh dhomsa bainne buidhe 'fhaghail." "Chuir mé
ceaintín mór súgáin ar a bportach — ceaintín a bhí líonta
suas go buinne bruach, a's shílfeá in a dheidh sin,
go raibh siad a' fuasaoid tairt."
"'Bhfeiceann tú an muigín buidhe sin thuas? Badh é a
leath-cheann sin é. Líonadh suas go buinne bruach
dhó le poitín é, a's dheamhan ar thóig sé dhá cheann é,
ná 'ndearna sé an dárna deoch dhe, gur scaoil
sé siar fré chéile é. Abair go bhfuil coimpléasc
a's acmhúinn ar phoitín ag a' bhfear sin!" "Líon suas
a' pota fataí sin go buinne bruach anois. Ní mór
é. Nuair a bheidheas ar ndíol fhéin, a's díol na
muc bainte as, is maith an poll a bheidheas ann."
"Dar mo choinsias níor chneagaire é D. R. ar chuma ar
bith. Aon-ghloine a chuaidh sé a' líonadh ariamh, ní
dhearna sé leath ná meath dhi, ach í 'chur go buinne
bruach. M'anam nach raibh tuille de lucht a' tsléibhe
chomh fairsing sin faoi na gcuid." "Dar príosta, dá
mbeadh aon-cheo dhá chaillteamas fhéin leis, ba bheag a'
baoghal air í 'líonadh go buinne bruach."

Buinne = brionglán, lorga, buinneán.

"Tá'n Foghmhar a' dul i mbuinne" = geamhar a' rith suas in a lorga.

[Is beag atá sé seo sa gcainnt anois]. "Tá'n coirce a' dul (nó a' teacht) imbuinneadh." "Is beag atá sé a' teacht imbuinneadh fós."

"'Go dteaga bláth buidhe ar an eorna, a's go dtosuighe an Foghmhar a' dul 'un finne.

Is deas lághach an rud í an óige, a's indiaidh mo stóirín atá mise'"

[As "Cuaichín Ghleann Éifinn. Mheas an Máilleach — go ndeana Dia maith air! — gur "imbuinne" a bhí annseo ó cheart, i leaba "'un finne", ach ní mheasaimse gurb eadh. Ar aon-chor teigheann an foghmhar 'un finne, ach is fada indiaidh a dhul 'un buinne dhó é].

"L'aghaidh an bhuinne an 'ammonia'" = le h-aghaidh an dais (= ghais) nó le h-aghaidh lorga nó brionglán an fhata (tá'n focal coitchiannta mar sin fós, go h-áithrid ar an Achréidh).

"Is breagh a tháinic sa mbuinne le seachtmhain." = d'fhás gasacha na bhfataí go breagh le seachtmhain anuas.

"Tá buinne maith orrthu" = tá dasacha maith orra.

"Níl aon-cheo indon ag an aoileach, le buinne a thabhairt dóibh" = 'sé is fhearr le dasachaí a chuir ar fhataí.

"Tháinic a' bhliadhain ro-fhliuch. Ní fhéadfadh aon-bhuinne a bheith ar aon-fhata fós." "Suathaim mo chuid leasú féin. Níl goir ag leasú 'bith ar an ammonia l'aghaidh an bhuinne." "Losc amach é (i.e. an leasú siopa). Ní mór dhó (i.e. an talamh) a bhfuil tú a chuir air. Is deacair leis a' mbuinne aon-rath a dheanamh sa talamh céadna."

"'Bhfeiceann tú an gort sin thiar ag J. Ph. Tá'n buinne glas fós ann. Dar mo chúis (chubhais?) tá, th'éis guirt na tíre ruadh-dhóighte ag dubhachan le mí." "Ní chuireann sé aon-'sprae' amach aon-bhliadhain, go mbíonn a' buinne dóighte. Tá 'shliocht air, ní bhíonn aon-fhata aige." "In iochtar a' bhuinne, in aice na créafóige, a thionnscluigheanns a' dubhachan i gcomhnuidhe. Cairthigheann sé as sin amach ar na billeogaí. Sin é an fáth, go measaimse, gur as a' talamh a thaga(nn)s sé."

Buinneán = ainm-fhocal, firinscneach: uimhir iolraidh: buinneáin
= (i) fás uaibhreach nó "rithte". (ii) fear nó bean bhreagh, leigthe, shínte
(iii) rud a' bith seang, leigthe, maordha. (iv) réim
limistéar nó leigean.

"Tá na 'meaingils' (mangolds) atá ansin thíos in a mbuinneáin"
= tá siad "rithte". Dhá bhfásaidís
in a mbriongláin fhada árda, a's gan biseach a' bith a
theacht ar a' gcois. "Ro-leasuighthe a bhíodar go ndearna
siad buinneáin mar sin." "Dheamhan plannda a' gabhail
liom, nar 'rith' a's nach ndearna buinneáin imbliadhna."
"Tá mé scriosta ag a' gceapach thurnapaí sin imbliadhna.
Dheamhan thiomanta ceann ar a fuaid, nach bhfuil in
a bhuinneán." "Tá an tsail (i.e. ceapach shaileoige) sin in
a buinneáin fré chéile imbliadhna. Beidh barrógaí uirre
— neart." "Tharraing sé buinneán de mheaingil, a's thosuigh sé
a' rúscadh na bó leis." "Bhí an talamh ro-aireamhail, a's
leasuigh tú ro-mhór é. Sin é an fáth a ndearna siad buinneáin."
"Mara ndéana siad an cleas a rinne planndaí Mh. Mh. N. —
buinneáin a dhéanamh ar fad." "Dheamhan turnapa sa tír,
nach shin é an bhail atá orra(b) imbliadhna, in a
mbuinneáin. Deir M. Sh. G. gur ar a' síol a bhí an marach,
ach shílfeá dhá mbadh eadh, gur loiceadh a dhéanfaidís."
"'Sé 'bhfuil de thairbhe agam imbliadhna ar mo chuid meangils
na bláithtí, arae rinne siad buinneáin fré chéile.
Ach dheamhan mórán maitheasa ionntu sin fhéin."
"Ní raibh ann ach aircín beag, ar feadh i bhfad,
ach rinne sé buinneán annsin d'aon-iarraidh." = duine
a mhéadaigh d'aon-iarraidh. "Ní miste le sail, báisteach
ann nó as. Déanfa sí buinneáin da h-uireasbha."
"Is breagh an buinneán de chrann atá sé sin a dhéanamh."
"Má tá an cur leis ann anois, is gearr go mbí sé in' an-
bhuinneán" = rud a mbeadh an-bhiseach faoi.

Buinneán = (ii) is minic cainnt ar bhuinneán 'sna h-amhráin:
"'Bhí Máire Ní Ruadháin ann a' buinneán gléigeal, an cailín spéireamhail a bhí againn 'san áit'" (Anach Cuain — Rafteri)
"'Tá buinneán gléigeal ar bhéal na céibhe, a's sháruigh sí Déirdre le breaghcha a's gnaoi" (Máirín Stanton — Rafteri)

"Is breagh an buinneán de bhean í." "Ní bhfuightheá buinneán fir chomh breagh, ná chomh slachtmhar leis, dhá gcuirtheá slat ar pharáiste." "'Sé a dhéanfas an buinneán fir, má mhaireann dó. Tá sé chomh h-árd len' athair cheana." "Déanfa sé sin an-bhuinneán fir. Níl baoghal a' bith ar a bhiseach a bheith tugtha fós." "Is buinneán breagh de bhean í ceart go leor, ach cé'n ghoir atá aice ar a máthair, nuair a bhí sí fhéin in a maith." "Is fada a chaith sí in a sudóigín, ach sa deire, ba bhreagh an buinneán de bhean a rinne sí." "Nuair a bhí sé sin in a bhuachaill óg, ní raibh a mhacsamhail de bhuinneán fir is na trí phobal." "Deir siad gur frítheadh droch-shúil dó, bhí sé in a bhuinneán chomh breagh sin. Ach is cosamhail nach raibh sa méid ach cainnteannaí daoine. Ar aon-chor, ba ghearr a' seal a thug sé." "Is furasta buinneán breagh mná a fhaghail, ach cé'n mhaith sin. 'Ní breaghaichte a ghníonn brochán ach min' adeir siad." "Má tá tusa ag iarraidh buinneán breagh mná, bó bhainne a's scór punt, tá sí annsin thiar ag —." "Is deas a' buinneán mná í, an té a gheobhfadh le bréagadh í." "Tá'n spré aice fhéin: 'sé 'bhfuil uaithe buinneán breagh d'fhear. Má thapuigheann tú do ghna(ithe), cá bhfios nach ort a bheadh an t-ádh!" "Is breagh leigthe an buinneán de chailín óg í, a's sí atá deas bogúrach as a ceannaghaidh." "Ba breagh an buinneán mná í Déirdre adeir siad. Níor chuala tú ariamh fúithe?"

(iii) "Is breagh an buinneán de bhó, de chapall etc í." "Cheannuigh sí buinneán breagh de bhó, de chapall etc indiu." "Tá an-bhuinneán de choca féir istigh aige." "Is diabhluidhe breagh an buinneán de chruach choirce í siúd aige."

"Deir tú leis a' mbuinneán de choca a rinne mé indé
a d'ionntuigh." "Ní scarfa an chruach ar chuma ar bith.
Tá sí ina buinneán árd." "'Bhfaca tú aon-bhuinneán de
chrann ariamh igConamara, is breaghcha ná é sin.
Droch-sheans, mar is beag na crainnte atá ann."
"Níl aon-bhuinneán de choca féir ar a' mbaile is breaghcha ná
tá in' iothlainn. Is furast aithinte an fear maith i gcomhnuidhe."
"Tá buinneán mór de chrann fuinnseoige a' fás ag tóin na
binne aige. Ceapaim gur mór a' fascadh dhó é, mara
bhfuagruigheann sé an iomarca gála." "Bhí buinneán mór
de bhó bhreac agam annseo uair — dhíol mé le Máirtín Ó h. í —
a's badh í an bhó bhainne a b'fhearr í 'bhí agam ariamh. Shílfeá
gur bainne dhá cheann a bheadh aice, 'chuile uair a dtiocfá
dhá bleághan." "Bhí buinneán mór de chrann a' fás ag corr
na h-iothlann aige, a's nuair a scuireadh an ghaoth na
billeogaí dhe, ba gheall le coill an iothlainn, leis a' mbrat
aca(b) a bhíodh ar a' talamh ann." "Tá buinneán de láir
annsin thiar ag mac Ch. Ph., agus is áidhbhéil an (h)ioscar siubhail
atá aice, bail ó Dhia uirre!" "Is deas sínte an buinneán
de chú í sin agad. Chaithfeadh sí a bheith luath, a's an leigean
atá fúithe." "Tá buinneán breagh de bhean, a's buinneán
breagh de chapall aige, a's nach bhfuil a cheart annsin"

(iv) "Is breagh an buinneán talmhana atá aige" = giodán breag as
a chéile; réim nó streoille fhada; límistéar fada.
"Is aidhbhéil a' buinneán cladaigh atá faoi fhéin aige, a's gan
mac an éin le na bhacadh" = réim chladaigh.
"Buinneán breagh talmhana í an stróic sin. Nach bhfuil a
cloigeann thiar a' síneadh le tórainn Sh.?" "(D)ar ndóigh (= ndú) má
tá a chloigeann thuas ar thórainn T. na n-U. níl fhios cé'n
buinneán criathraigh atá ann! Ach dheamhan mórán maitheasa
cuid maith dhi — Easca bhog bháithte." "Is diabhaltaidhe an buinneán
porta(igh) atá oscluighthe aige thuas annsiúd."
"Is breagh an buinneán gotha atá aige" = tá guth breagh árd

aige" = is breagh uaidh amhrán a chuir amach dá chroidhe.
"Nach breagh an buinneán glóir atá aige?" = glór láidir, árd.
"Is beag 'aireochas tusa amhrán a rádh, bail ó Dhia ort. Tá
buinneán breagh gotha agad." "'Sé is fhearr buinneán gotha
anois, sa taobh seo." "Sheasfá sa sneachta ag éisteacht léithe
a' gabhail 'Bhean an Fhir Ruaidh'. Tá'n an-
bhuinneán gotha aice, bail ó Dhia uirre." "Ba bhreagh an
buinneán gotha a bhí aige, tamall, ach tá'n aois anois air."
"Dheamhan de chailleadh air a' mbuinneán gotha atá aice fós, th'éis nach
bhfuil fiacail in a dranndal." "Is gártha an buinneán de ghlór
a bhío(nn)s aige, nuair a bhío(nn)s braon sa gcírín aige. Chloisfeá
thiar adtuaidh é. Is beag a' dochar dhó tinneas cinn fhéin a bheith
air, a's an bhúithreadhach a bhío(nn)s aige." "Shílfeá go dtóigfead
sé an ceann de'n teach leis a' mbuinneán ceoil a chuir sé
dhó." "Chuirfead sé na cuacha 'chodladh leis a' mbuinneán gotha
atá aige."

Búistiún = ainm-fhocal — firinscneach.
Búistiún = at mór; líonadh; calcadh adhbhair i lot; rud 'san an-mhéid le toirt.

"Tá mo chois in a búistiún le at." "Rinne an lot búistiún mór, a's níor thraoith sé go ceann seacht(mh)aine."
"Leon mé mo láimh a's rinne sí búistiún le at." "Tá a ghlúin in a búistiún a' gabhail 'un seachtmhaine, a's níl aon-chosamhlacht traoithimh fós uirre." "Tá sí in a búistiún mar sin, le mí, a's gan adhbhar a' bith a' toidheacht aiste."
"Dheamhan a dhath ariamh, adeirigh dhó, ach gur sheas sé ar chloichín ghéir annsin amuigh, a's d'at a chois go raibh sí in a búistiún."
"Tá mo cheathramha in aon-bhúistiún amháin le seachtmhain, pébrí céard tá air."
"Beidh sí in a búistiún mar sin go leige tú í, a's go dteaga an bracha aiste."
"D'fhuiligh pórtán ar ucht mo láimhe, a's rinne sí búistiún chomh mór le do dhorna. Is olc an éadáil iad na portáin sin má theang(mh)uigheann siad leat chor a' bith."
"An áit ar cuireadh a' t-urchar ann, d'at sé go raibh sé in a búistiún — oiread do chloiginn. Bhí sé tugtha suas do'n bhás ag na dochtúirí, ach shrian sé thríd, na dheidh sin, míle buidheachas le Dia."
"Cé'n sórt búistiún é sin, ag imtheacht faoi t'ascaill agad?" = toirt mhór ar bith. "Rinne 'tube' a 'bhicycle', búistiún mór, a's marach chomh stuama a's chuaidh mé dhi, phléascfad sí orm ar áit na mbonn."
"Is áidhbhéil a' búistiún builg atá air, pé'rbí céard atá sé a chuir ann!" "Tá búistiún de chnap faoi chnáimh a ghéill, má's bracha atá ann nó nach h-eadh."
"D'fheicfeá búistiúin mhóra, mar bheadh éadtromáin, ag imtheacht ag na gasúir inGaillimh anois!" "Cá'r fritheadh an búistiún mór sin nó cé'n ghna(ithe) atá dhó?" "A bhúistiúin mhóir, ba chóra dhuit ciall a bheith agad, feasta choidhchin, fharrus, a bheith a' comórtas le gasúir!" [gasúr a raibh méid mhaith ann, atá igceist annseo. Níor cheart dó a bheith ar an ealadhain, a's ar an ámhuilleacht chéadna a bhí ar siubhal ag páistí beaga]

Bunán = (i) feadóg luinge, nó gluaisteáin. (ii) cineál creagáin nó "corns". (iii) duine teann déanta, beo-droch-mhúinte go minic. (iv) éanachaí — "an bunán buidhe", an bunán léana". (v) brionglán cruaidh atá ar phlannda cosamhail leis an airgead luachra. Tá sé falamh istigh ann: tugtar "fifeannaí" orra freisin: déanann gasúir feadógaí dhíobh.

"Chuala mé bunán a' tsoithigh aréir."
"Séideann na soithigh sin na bunáin, le ceo."
"Níor chuala mé bunán a' mhotoir chor a' bith."
"Ba ghearr (= gheall) le bunán é 'glaodhach a's a' gárthaighil."
"Fhobair go ndeacha an 'motor' in mo mhullach, mar níor airigh mé chor a' bith é, 'n-áit nar shéid sé an bunán."
"Ní fhéadfá néal a chodladh ann, adeir sé, ag bunáin na soitheach."

(ii) "Tá bunáin ar mo chosa" = bunannaí creagán, nó creagáin chruadha
"Ar bhuínn mo chos atá na bunáin, a's níl coisméig siubhail agam dhá mbárr."
"Tá mé thart ag bunán atá faoi íochtar m'ordóige."
= tá mé in an-chaoi aige.
"D'fhéadfá na creagáin a ghearradh amach, ach ní maith go mbeadh fhios agad, céard ab fhearr dhuit a dhéanamh le na bunáin bhradacha sin."
"Tá na bunáin sin do mo chrádhadh aríst."
"Is olc an earradh iad na bunáin sin ar chosa duine."
"Tá carra bhunáin faoi mhéarachaí mo chos, a's tá mé 'mo chiseach aca(b)" = tá pláigh nó bulc de na bunáin faoi mhéarachaí mo chos, a's tá mé thart nó creaiplighthe dhá mbarr.
"Tá a dhá chois foiricighthe le bunáin." = brathta le bunáin, nó tá bunáin orra(b) as éadan.

(iii) "Fan amach ó'n mbunán sin thíos, ar mhaith leat fhéin."
"Sin é fhéin, an bunán droch(mh)úinte."
"Leig (dh)om fhéineacht a bhunáin bhrada(igh)."
"Ná cuir araoid a' bith ar a' mbunán sin, mar, tá sé faoi dhó chomh láidir leat"

(v) "Tá go leor bunáin thríd a' bhféar sin." "Féar láidir atá ann a's é faoi bhunáin fré chéile." "Fhobair go ndearna mé dhá leith de lann na speile indiu, le ceann de na bunáin mhóra sin."

Bunastán (bunastáinín) = piodarlann de ghasúr; staic d'fhear nó de bhean théagarthach, thalmhuidhe, shuidhte. [bonnastán]

"Níl ínnte ach bunastán beag, bídeach."
"Is cruadh, fáiscthe an bunastáinín de ghasúr é."
"Bunastán beag é, ach mar sin fhéin, tá'n teacht aniar ann."
"Ní thiocfa sé in aghaidh dúthchais: bunastán a bheidheas ann i gcomhnuidhe" = ní bheidh ann ach staic bheag choidhchin, a's is dual dó bheith mar sin."
"Sé'n bunastáinín teann é, le theacht isteach idteach."
"Bunástáinín gan aoirde 'bith é, ach tá sé an-suidhte, a's thiocfadh dó, bheith, láidir."
"Tá a dhíol aoirde innte. Céard atá ann fhéin, ach bunastán?"
"Bunastáinín íseal é an fear, ach scaoinn mhór árd í an bhean atá aige."
"Má's bunastáinín fhéin é, 'sé atá cruadh miotalach."
"Níl oiread na frighde de bhunastáinín ann, a's labhróchadh sé chomh teann le fathach 'na dheidh sin."
"Indomhnach is bunastán beag, gleoite í. Mara bhfuil sí mór gránda, tá sí beag deas."
"M'anam muise má's sin é, do scéal anois, gur coinnigh an bunastán sin an teach thrídh na chéile ar feadh na h-oidhche."
"Díol cam air, an bunastáinín, nach gearr le dhul é." = "Scread mhaidne air, grioghóirín beag mar é, nach gearr a sheasfadh sé, dhá dtosuigheadh troid."
"Dhá laghad é an bunastáinín sin anois, deirimse leat, nach raibh aon loiceadh aige ó thogha na mbuachaillí."
"Dhá laghad de bhunastán é Seumas, níor fhága sé tada le reic ag Peadar" = "bunastán é Seumas, ach thug sé fuighleach le deanamh do Pheadar" (sa troid) = "dhá laghad sa diabhal de bunastán é Seumas, níor fhága sé tada in a chomhnuidhe i bPeadar"
"Tá ruibh uilc ar a' mbunastáinín sin, a's ní fhaca tú aon-duine ariamh in' oiread fhéin is cruaidhchte (= cruaidhe) ná é.
[breagh > is breaghaichte, réidh > is réidhchte, luath > is luaithchte buidhchte > is buidhchte, beo > is beoichte etc. Aidiachta a chríochnuigheas inguth nó i bhfuaim guth fearacht liath, reidh etc, deantar a mbreis-chéim a's a sár-chéim inGaillimh ar dhá chaoi (a) chthe a chuir indiaidh

na bun-chéime — fearacht na somplaí réamh-ráidhte nó

(b) cha a chur in diaidh na bun-chéime — breagh > is breaghcha;

teo > is teocha, luath > is luathcha; réidh > is réidhcha

(c leathan); luath > is luathcha, beo > is beocha etc. Tá an dá bhealach nó'n

dá leagan de'n bun-chéim bun ar aon is na ceanntair

chéadna, a's níor dhóigh leagan amháin ag an nGaedhilgeoir

céadna anois, ná an leagan eile ar a' toirt aríst. In (a)

caoluightear an ch i gcomhnuidhe ionann's breagh > is breaghaichte,

teo > is teoichte. Ach cloistear teochta, breagachta corr-

uair. I (b) leathnuightear an c, réidh > is réadhcha

(= réidheacha), cruaidh > is cruadhcha, buidhe > is buidheacha etc.

Bunús: deis, bráigíll ar dhuine; rud ag duine; cuid a's maoin; críonnacht a's ciall

[níl aon-chiall eile annseo]

"Tá bunús maith aige" = deis, a's cuid a's maoin.

"Tá bunús ann", "tá bunús sa duine sin" = duine críonna, tíoghbhusach cruadh, coinneálach.

"Bhí an bunús ag a' dream sin ariamh." "Ní uireasbha (cheal) bunúis atá air." "'Tuige nach bhfaigheadh sé bean, a's a 'bhfuil de bhunús aige."

"Is maith an aghaidh mná é, mar tá an bunús ann, ní h-ionann sin a's cuid mhaith de'n dream atá dhá bhfághail."

"Is dhó is fusa bunús maith a bheith aige, mar 's aige atá a dheis."

"Níl aon-bhunús a' rath aige, a's tiocfa sé righte leis, aon-bhean fhaghail 'sna bólaí seo."

"Níl bunús ná forfhás air, fharrus aon-duine dhá bhfaca tú ariamh."

"Bhí bunús maith aigéan' athair, ach chaith seisean go fánach é."

"Ní phósfaidh sí sin, ach fear bunúis, mar beidh spré mhór le faghail aice."

"Ní raibh aon-bhunús ariamh fhéin sa gceann céadna, ní áirmhighim é bheith air, anois" = ní raibh aon-chríonnacht ariamh ann, ná aon-fhorás air, gan bacadh leis anois.

"Tá'n bhunús a' rith leis sin, 'chuile lá ariamh."

"Má tá bunús fhéin aige, 'sé fhéin a shaothruigh go cruadh é."

"Cá bhfaigheadh sé bunús a bheith aige, fear nach ndéanann buille maitheasa ó Luan go Satharn"

"Ní bheidh bunús ag duine a' breacadh a luirgne 'chois na teine"

"Shíl mé go raibh bunús eicínt ionnad fharrus sin."

"Má sin é anois a bhfuil de bhunús ann, th'éis a' moladh a chuala muid air!"

"Beidh bunús maith aige siúd, nó's cruadh an cás é."

"Ceadh nach bhfuil de bhunús ann, ach mar sin?"

"Dheamhan gaisce 'bith ar a' méid bunúis atá aca(b), má's sin é do scéal anois, ach tá neart floscaí a's gailimaisidheacht aca(b), má dhéanann sin dóib é."

"Má dhéanann uathbhás a's antlás dó é, beidh bunús aige."

Bunamhail (bunúsach): duine bunúsach nó duine bunamhail = duine 'bhfuil bráigill air, nó cuid is maoin aige; duine tioghbhusach, barrainneach; duine críonna, baileach, a bhfuil forás air, a's dul 'un cinn ann.
[Tá "bunamhail" a's "bunúsach" annseo ach is minicí "bunúsach" sa gcainnt ná "bunamhail". Tá "bunamhail" an-choitciannta siar faoi Chonamara. Níl aon-chiall eile le "bunúsach" 'sna bólaí seo, cé's moite de'n chéill réamhráidhte].

"Deir siad gur duine bunúsach é M. Sh."
"Tá sé an-bhunúsach ó phós sé." "Feacha sin anois! Nach bunamhail a' gearr-bhodach é!" "Cailín beag, bunúsach, seifteamhail í, a's is maith an aghaidh uirre fear maith."
"Chaith sé an dreabhlás in aer. Níl aon-fhear sa bpobal, is bunúsaighe ná é, anois."
"Tá sé bunúsach, baileach a's go maith dhó fhéin."
"Ní chasfaidhe aon-chailín beag in do shiubhal lae ort, is bunúsaighe ná í. Is aoibhinn do'n té 'gheobhfas í!"
"Bhí an t-athair bunúsach, ach 'sé mo mheas, go bhfuil an chlann ag (d)ul in aghaidh dúthchais."
"Má tá sé bunúsach fhéin, is dó is fusa, mar 's aige atá 'dheis."
"Nach bunamhail a' duine é! Cé shílfeadh dhó é!"
"Níl ól ná caith(eamh) tobac ann. Fear bunúsach, tíoghbhusach é, a's tiartháluidhe maith."
"Má's leat a bheith bunúsach, eirigh as an ól."
"Cuirfe sí siúd faoi ndeara dhó, 'bheith bunúsach feasta, a's eirighe as a' réicighil"
"Ba mhaith bunúsach a' bhean í, mór-sheisear inghean a chuir i gcrích, a's spré a thabhairt do 'chuile dhuine aca(b)."
"Cá bhfágfad sí é? Ba dual di 'bheith bunúsach, má chuaidh sí le na máthair."
"Is maith an rud dó bean bhunúsach 'fhaghail, a's gan a bheith tnúthán le spré mhóir."
"Is beag a' baoghal air, a bheith chomh bunúsach leis a' dearbhráthair."
"Tá S. bunúsach, a's tá 'shliocht air: tá airgead a's deis aige."

Búrla. búrláil, búrláilte, búrlaí etc.

Búrla = (i) cual cuimseardha; maingín nó bagáiste 'bith brúighte lioctha go maith ar a chéile

(ii) duine bundúnach, olc; stuacachán; "droch-ghiota"; nó droch-éadáil de dhuine.

"Bhí búrla eicínt faoi'n ascaill aige 'teacht."

"Níl sa liathróid sin ach búrla ceirteachaí." "Tá'n bráithlín uiliog in a búrla faoi do chosa agad." "Níor thug a' táilliúr deanamh 'bith ar a' gcasóig seo. Tá sí fágtha in a búrlaí a's in a bachaill fré chéile aige."

"Cé'n sórt búrla é sin ag imtheacht in do phóca agad."

"Tá do léine uiliog ina búrla ar do dhruím."

"Rinne sí aon-bhúrla amháin dhá raibh de shean-éadaighe aice, a's chroch sí léithe iad."

"Tharraing sé aníos búrla nútaí (= nótaí) a bhí lioctha ar a' chéile thíos in a phóca aige."

"'S aige 'bhí an búrla nútaí idir sheicíní, a's pháipeir puint."

"Tá a cuid gruaige uiliog casta in aon-bhúrla amháin aice ar mhullach a cínn."

"Is diabhaltaidhe an búrla de bhean í" = buta teann téagarthach suidhte [ní h-ionann seo a's na samplaí faoi (ii), arae an íntinn atá igceist ionnta(b) sin]

"Tá sé in aon-bhúrla amháin agad, a's is ionann fad a's leithead dó." "Búirlín otruighthe de ghasúr é."

"Tá búrla eicínt thíos ar thóin a' chómhra, marab é a bheadh ann."

"Rinne sé búrla dhá chóta mór, a's cheangail sé ar lámha an 'bhicycle' é."

"B'fhéidir gur sa mbúirlín seo atá 'na naipcíní póca."

"Shílfeá nach bhfíllfeadh (= dtíllfeadh) an oiread gineadhachaí chor a' bith in a leithide sin de bhúirlín."

"Bhí sé cruptha suas ina bhúirlín sa gcúinne, ach ní raibh a theanga ina comhnuidhe, mise imbannaí."

"Níl a' gabhail le n' iothlainn ach aon-bhúirlín beag amháin de choicín féir — díol laoigh."

Féach (ii)

"Sin í an búrla bradach." "Nach hí an droch-bhúrla anois í, nach mbeannóchadh duit." "Sin í an búrla búndúnach, biadánach."

"Níl focal de'n chainnt le baint as a' mbúrla sin anois."

"Búrla maith í sin, má chuireann tú (ch)uice ná uaithe."

"Tá pus ar a' mbúrla d'inghin sin ag S. B. liom, le seachtmhain, faoi nar innis mé dhi, go raibh mé le dhul (ch)uig a' bpátrún."

"Dhá laghad araoid dhá gcuire tú ar a' mbúrla mór, is amhla 's fhearr duit fhéin — tá'n droch-(mh)úineadh a's an staiceamhlacht ann."

"Búrla stuacach í sin, má chuirtear caidéis a' bith uirre."

"Nach bhféadfá leigean de na búrlaí sin, a's gan pléidh 'bith 'bheith agad leo(b)."

"A bhúrla bhrada(igh), céard 'tá tú rádh?"

"Má fhágann a' búrla siúd scéala air, 'sé 'mbeidh uaithe seoladh a chuir faoi" = má chloiseann a' búrla siúd an scéal, innseocha sí go fonnmhar do chuile dhuine é."

"Fainic a' búrla sin thíos ort fhéin. Tiubhra sé faoi na fabhraí (foghar C. F. = furraí) dhuit é, má fhághann sé an deis ort."

Búrlaigheacht: cáilidheacht búrla; bundúntacht, stuaic; olc a's dúnárus.

"Mara n-eirighe tú as do chuid búrlaigheachta, beidh mé 'gabhail ort an fhad's gheobhas mé teas in do chraiceann."

"Tá'n búrlaigheacht arís uirre."

"Nach maith a chaithfeas sí an bhúrlaigheacht a bheith 'spochadh léithe i gcomhnuidhe." = bíonn an stuaic, nó'n bhundún a' gabhail di, nó innte i gcomhnuidhe. Tá'n bhúrlaigheacht de bheith uirre.

"Ní thiocfa búrlaigheacht de'n tsórt sin 'un tosa(igh) ná 'un tairbhe dhi."

"Bhí sé ar a' mbúrlaigheacht chéadna arís indiu. Is ar éigin a labhair sé liom, nuair a chuaidh mé go dtí é, faoi'n obair."

Búrláil, búrláilte (féach Foclóir Uí Dhuinnín): bagáiste, maingín, nó rud a bheith fillte, lioctha air a chéile, go cuimseardha.

"Bhúrláil sé a chuid éada(igh) síos sa máilín, shul dhár imthigh sé."

"Bhúrláil sé an t-éadach leapthan in aon-chárnán amháin sa gcoirnéal."

"Búrláilfe tú 'na chéile na sean-bhriocán sin uiliog, a's tiubharfa tú do'n cheannuidhe iad, má thagann sé."

"Bhí sé búrláilte 'na chéile istigh sa gclúid, a's é chomh sáthach a' breathnú!"

Buta, Buitín

Buta = (a) staic de mháilín a's é ionann's lán. Máilín a's sé nó seacht de chlocha meadhchain ann.

(b) duine talmhuidhe suidhte; staic de fhear nó de bhean theann righte, bun-íseal.

"Tá cupla buta coirce agham, le cur ar a' margadh ambáireach."

"Níor ceannuigh mé ach buitín beag síolta."

"Goideadh buitín síl chruitneachta uaidh, a bhí amuigh aige sa scioból."

"Tá buta giniúchaí (= ginídheachaí, gineadhachaí) aige sin idtaisce in áit eicínt."

"Bhí lán buta de leath-chorónachaí caithte ar a' mbord ann."

"Bhí cion buta maith coirce dóirtighthe ar an urlár."

"Fuair sé bun-bhuta maith fataí isteach uaidh" = thug sé buta maith go leor, fataí in aisce dhó.

"'Sé raibh agam de bharr na cruaiche na cupla buitín sin annsin."

"Ní raibh tairbhe 'bith ar an eorna mhóir imbliadhna. 'Sé 'raibh agham dá barr cupla buitín."

"Caithfe tú cupla buta fataí 'thabhairt isteach chugam go ngearra mé glaicín shíolta."

"Ní buta bhí ann ach rampaire mór míllteach de mhála."

"Go bhfoire Dia ort, mara bhfuil tú indon an buitín sin 'árdú air fós?"

"Fuair sé 'sháith go bínn le deanamh a's an buta 'iomchur go teach."

(b) "Is spreabhasach an buta de dhuine é."

"Sin í fhéin an buitín bundúnach" = "staicín stuacach í"

"Tá sé in aon-bhuta amháin agad, a's shílfeá gur h-ionann fad a's leithead dó."

"Is bunáiteach a' buta fir é" (féach bunáiteach)

"Buta talmhuidhe é. Chinnfeadh ort a leagan, dá mbeitheá choidhchin leis."

"Tá sé in a bhuta ruighte theann, a's snuadh a chodach go maith air."

"Mara bhfuil sé suas 's anuas ann, tá sé siar 's aniar ann. Buta suidhte é."

Cóipís

Labhair mé le Seosamh Ó Cadhain.

Cóipíos a deirtear.

Measann sé gur iolra é.

Níl aon ghinideach air.

Tá an iomarca cóipíos aige —

caint bhladarach, dul timpeall;

an béal ró-mhór air, an iomarca

le rá aige, mionghaisce, cóirithe catha …

(Quips ??)

Cóipíos, pl. s. Smart talk, bragging; volubilty.

Cóipís: ainm-fhocal: baininscneach, tuiseal gein. uathaidh — cóipíse.
Cóipís = gailimaisidheacht; floscaí; leigean-amach; mion-ghaisce;
cainnt nó nathuidheacht nach mbeithí a iarraidh; "gnaithí"
"an iomarca a bheith le deanamh" ag duine (gnaithí gan iarraidh).

"Tá'n iomarca cóipís' ar fad agad." "Do dhá dhíol cóipís' atá aghad"
"Marach a bhfuil de chóipís aige, dheamhan locht a' bith a bheadh air,
ach mhearóchadh sé thú amanntaí. Cé'n bhrigh ach dheamhan
acmhúinn aige fhéin tada a rádh leis — níl sin." "Tá Seán sin
chomh bastalach a's an oiread cóipís' aige, a's go gcuirfeadh
sé fonn múisc' ort a bheith ag éisteacht leis." "Tá an
iomarca cóipíse aghad ar fad. Thiocfá le cuid is lugha ná sin
go mór." "Is gránna an rud duine 'mbíonn an iomarca
cóipíse aige." "Tá an oiread coipíse a's floscaí aige, a's
go mbeitheá tuirseach ag éisteacht leis in aon-leath-uair amháin.
Sháruigh sé muid aréir, ag innseacht (dh)uinn, céard a rinne
sé le seachtmhain." "Má thugann tú áird ar a chuid
cóipíse sin, is gearr go mbeidh tú chomh-dona leis fhéin.
Cluais (: cluas) bhodhar a bhí aghad a thabhairt dó." "Leig de do
chuid cóipís' anois, arae níl aonduine a' tabhairt áirde ort."
"Ar a' gcoipís sin anois a chaith sé an oidhche aréir. Is mór
dhá fhonn a bhí orm, scriostaí buailte a thabhairt dó as a
dheire." "Fhobair gur phléasc mé ag éisteacht le na chuid
cóipíse" = is beag nar tháinic taghd orm, a's nar ionnsuigh
mé é, de bharr go mb'éigean dom éisteacht le na chuid
gaisce, a's gailimaisidheachta." "Cá bhfuair sé an
chóipís ar fad?" "Maidir le cóipís is aige atá a
tabhairt amach. Dheamhan a leithide a chonnaic mise ariamh in
mo shaoghal." "B'fhéidir go mb'fhearr duit gan a leath oiread
cóipís' a bheith agad. Má chloiseann t'athair thú, beidh sé leat."
"Dheamhan aithne air, nach ndeanfa an chóipís sin maith dhó, a's
gurab éard atá 'chuile dhuine a' magadh faoi fúithe."
"Ba chóra dhuit go mór do bhéal a choinneál ar a
chéile, a's gan leath an oiread cóipíse a bheith agad
a's atá aghad." "Nach ámhuilleach a' peata thú! Tá do
dhá dhíol cóipíse aghad ar fad." "Is fada mé ann

ag éisteacht le cóipís uait, ach tá m'fhoighid caithte leat faoi dheire." "Marach an éisteacht a gheall Dia dhom, is fadó an lá a mharbhóchainn thú. B'fhéidir go n-eireochthá as do chuid cóipís' annsin!" "Is diabhaltaidhe an éisteacht atá aige le na cuid cóipíse. Dhá mbadh fear eile é, déarfad sé léithe a béal a dhúnadh." "Chuirfeadh Seán céadna cosa beaga faoi na glasógaí, le teann cóipíse a's floscaí. Go bhfoire Dia ar aon-duine a chaithfeas éisteacht leis ar a' gceird siúd!" "Bheadh a' teach ceart marach a bhfuil de chóipís agadsa. Dheamhan cor a bheadh in aon-dhuine eile de na gasúir." "Cé'n samhaoine dhuit a bheith ar chóipís de'n tsórt sin. Ní thiubharfa aon-duine lá áird' ort." "Dheamhan grásta a' bith ar fhéin ná ar a chuid cóipíse annseo. Da bhfanadh sé amuigh le na ló, ní chuirfí aon -fhios air, ná cuid de chur." "Thú fhéin ba'(s) cionntaighe má fuair tú faoi na for(b)aí é. Breagh nar éist tú le do chuid cóipís'. Dhá laghad dhá ndéana tú ná dhá n-abruighe tú annseo, is amhla is fhearr dhuit fhéin é, a mhic ó." "Ní thaithneochadh a chuid cóipíse sin chor a' bith liom. Tá'n iomarca le rádh a's le déanamh ar fad ag a' gceann céadna." "Nar nuacha Dia dhó le cóipís a bheith air! Fhobair gur chuir sé an teach thríd na chéile orainn." "Coipís uileag é T. Mh. sin. Is mór thar a phaidreachaí atá a' cur imnidhe air." "Níor mhaith dhuit a bheith in a thimcheall chor a' bith. Tá'n oiread cóipís' aige, a's go dtarraingeochadh sé in achrann thú, gan moill a' bith." "Dar príosta muise, chuaidh sé 'fhoisceacht 'mbeannuighe Dia dhó é 'fhaghail garbh aréir faoi na chuid cóipís'." "Tarraingeocha do chuid cóipise, an míádh ort, ó fhada go dtí é. Breagh nach ndéanfá forus, a's scith eicínt a thabhairt do do theanga, 'nós 'chuile dhuine eile." "Tiubharfa mise luach a chuid cóipise dhó, go goirid, feicfe tú fhéin air. Tá mé thar bharr mo chéile ag a' diabhlánach."

Cab, Caibín, Caibíneach: ainm-fhocal; firinscneach; iolraidh: caib, caba.
Cab: clab, béal, liopa, pus, bruach, bord, scothach feasóige ar an
smig, as suas go dtí an béal go minic

"Dún do chab." (annamh). "Tá na caib (na caba) a' stolladh i gcomhnuidhe
agad" = bíonn tú i gcomhnuidhe a' cur díot. "Tiubharfa mé isteach
ar a' gcab dhuit é, mara dtuga tú aire dhuit fhéin!" = buailfe
mé thú. "Abair 'ab ab' a's na buail do dhá chab faoi chéile"
[Rud nach féidir a dhéanamh. Caithtear a' dá chab a bhualadh faoi
chéile le "ab" "ab" a rádh mara gcuirteá píosa páipéar eatorra]. [Tá "clab" in áit "cab" anois
ionann's uileag, nuair is é an béal nó na liopaí atá i
gceist, ach tá "cabaire", "cabaireacht" an-choitcheannta fós
a's deifridheacht eatorra a's "clabaire" "clabaireacht"].
"Sean-fhear a bhfuil cab air, é" = claimhreach feasóige ar a
smig. [Achréidh]. "Ní féidir gurab é 'Cab Dubh' sin thíos a
bhí ann" = leasainm ingeall ar Chab a bheith air. "Ba
chóir dhuit cab a leigean suas, má's leat a bheith in do chliamhain
aige siúd." "Cá'id ó bhearr sé an cab?" "Dhéanfadh an cab
feasóige atá air cóta fíonnaigh de dhuine." "Is annamh a
d'fheicfeá cab a' bith anois, mar a bhfeicfeá ar chorr-shean-
fhearr é. Tá cab breagh gaedhealach ar Sheán — fós."
"Nach in a chab a bheadh an teolthaidheacht ag dreanncaidí!"
"Roimhe seo bhíodh cab ar chuile spailpín dá dtagadh aniar,
ach d'fheicfeá chuile dhuine dhíobhth' glan bhearrtha anois."
"Rug sé ingreim caib air, a's thosuigh sé dhá streachailt. Marar fhob
sé an tsean-fheasóg fhiannach a tharraingt amach as a ghéill as
cosa i dtaca!" "Thug sé lán a ghlaice dá chab leis, de'n
iarracht sin" = í a strachailt dhe. "Maran tú shílea(nn)s mé 'bheith
adhartha [: simplidhe, sodhantach] agad, go bhfaighe tú mo shean-
chab le tarraingt mar sin!" "Scread chasta ar a chab
broghach!"

Caibín: (i) puisín, béilín, clab beag, bruaisín. (ii) smigín fhéasóige (Achréidh)
"Nach deas a' caibín atá ar a' malra cháit fhéin!" = bruaisín.
"Cuir do phípín in do chaibín a's ná bí a' cainnt." "Chuir an
coinín a phípín in a chaibín, a's tharraing sé amach a bhoiscín
cipíní gur dhearg sé é."
Caibíneach = focal dhroch-mheasamhail ar dhuine a mbeadh béal beag
docht air, nó é d'fhaisean aige a phusa a choinneál teanntuighthe.

"Cab ar chab" = bord ar bhord; go béal; go buinne bruach; go drad chomh h-árd le … ; ar aoirde, ar chomh-aoirde le …

"Tá'n taoille cab ar chab leis a' mbóthar thoir ag an D. Mh. anocht." = tá sí bord ar bhord leis a' mbóthar; chomh h-árd leis an mbóthar. "Nuair a bheadh lán-mhara rabharta mhóir ann, d'eireochadh sí (: an tuile) cab ar chab le claidhe na dúirling{e."} "Bhí tuile na h-abhann, an geimhreadh seo caithte cab ar chab le barr an chnocáinín sin. Badh shin é an fuarloch aghad a mhic ó!" "Tá na 'maingeails' cab ar chab le barr an chlaidhe anois." "Ná líon níos mó é nó cuirfe tú thar maoil é. Nach bhfeiceann tú go bhfuil sé cab ar chab le béal a' tubáin "'Sé ar líon sé é (: an cliabh) cab ar chab leis a' bhfiacail. Níor chuir sé maoil a' bith air. Baoghal ar an leaduidhe siúd aon-anró a chur air fhéin ag iomchur chléibh." "Is le bheith d'uireasbha móna dhuit a bheith i gcleitheamhnas an phortaigh siúd. Tá'n t-uisce eirighthe indiu ann cab ar chab leis a' mbinnse." "Mara dteighe dhó go deas anois, dóirtfe tú cuid dhe, arae tá sé cab ar chab le béal a' tsoithigh." "Tá barr na cruaiche cab ar chab le fraigh an tighe." "Bhí taoscán maith turnapaí aige. Bhí siad cab ar chab le stuaic na 'cribeach'." "Tá'n fánán aníos líonta (: le clocha) aníos cab ar chab le ucht an aird. Is beag an caitheamh le fánadh a bheidheas ann, ach iad siúd a bheith réidh leis."

"Tá'n t-uisce cab ar chab leis (: le bruach an bhóthair) a's cab as a chionn" = tá sé a' cur thar maoil ar a' mbóthar de bheagán. "Tá sé thar a bheith cab ar chab leis. Tá sé cab as a chionn faoi seo. "Ní cab ar chab leis atá sé ach cab as a chionn." "Má chuireann tú mórán eile uisce de bhiseach air sin, cuirfe tú cab as a chíonn é." = cuirfe tú thar maoil é. "Bhí an taoille cab ar chab liom a's cab as mo chionn" = bhí mé folctha ag an taoille. "Tá sí cab ar chab leis, a's cab as a chionn" = bean mhór le h-ais fir.

Cabach, Cabaire, Cabaireacht, Cabghail, Cabachán

Cabach = aidiacht = béal-ráideach; biadánach; béal-scaoilteach; gan fascadh gan chaomhamhaint.

Cabaire, Cabachán: duine cabach; duine béalráideach; béal gan fascadh.

Cabaireacht = an siosma a bhíos ar siubhal ag cabaire; cíble nó cothuigheacht chainnte; sprus-chainnt; cainnt ar sraith.

Cabghail: An tréith a thugas do dhuine a bheith cabach nó biadánach.

"Gheobha tú luach do chuid cabghaile, má chloisimse aon-cheo 'do dhiaidh aríst." "Ná bíodh tusa in do thús cainnte leis a' méid sin. Seachain a' mbeitheá chomh cabach a's go gcainnteochthá amach as do bhéal le seo thíos air." "Is furasta 'aithinte go dtug sí an chabghail abhaile léithe. Dheamhan ceo amháin dá gcloisfe sí, nach mbeidh scithleigthe amach aice ar a' bpuinnte aríst." "Is ort a bhí an chabaireacht. Níor cheart duit trácht beag ná mór air." "Is beag a' mhaith pear(bh)úl a chuir air sin. Tá sé chomh cabach, a's go mbeidh sé a' déanamh tinnis dhó, go labhruighe sé air." "Cá'r fhága tú an chabhghail! Dar ndóigh, dheamhan fascadh a' bith sa 'seafóidín' sin" "Leig de do chuid cabaireacht anois liomsa, nó mo choinsias 'dar m'anam déanfa mé cuailín cnámh dhíot." "Gheobhainn neart cabaireacht' uaidh, ach sin é 'méid. Is beag a' luath a bhí aige cupán tae a thairiscint dom." "Níl mé ag iarraidh do chuid cabaireachta beag ná mór. Marar mian leat a' méid sin de shoighleas a dhéanamh dhom, ná bac leis. Déanfa mé cúis mhaith de t'uireasbha." "Shíl mé nach raibh tú leath chomh mór in do chabaire (: in do chabachán) a's go dtiocfá a' trácht ar shiomóideachaí mar sin." "Dhá mbeadh sé chomh maith le na dtáinic ariamh, dheamhan gna(ithe) aige aon-léargas a fhaghail ar na cúrsaí seo, arae ní leigfeadh an chabghail dhó, é a choinneál aige fhéin." "'Sé bheadh in a riocht, marach chomh cabach a's atá sé. Ach dhá dtionnscl(ochth)á an scéal chor a' bith dhó, badh é scéal 'chuile dhuine é ambáireach nó an lá 'na 'dhiaidh sin." "Nach maith a chaithfeadh Cáit chabach é chloisteáil! Cuirfe sí sin anois a leagan fhéin air. Níor leig sí aon-scéal uaithe fós ariamh gan agús a chuir ann."

Caidéis, Caidéiseach:

Caidéis = ainm-fhocal, baininscin. gein. caidéise.

Caidéiseach: (i) ainm-fhocal firinscneach, nó (ii) aidiacht as "caidéis".

Caidéis = cainnt, araoid, aighneas, taidhbhsiú, fiafruighil, fiosracht.

Caidéiseach: (i) araoideach, aighneasach, fiafruightheach, fiosrach. (ii) duine fiafruightheach, aighneasach nó fiosrach.

"Tá'n caidéis go maith ann, ach gan 'bail ó Dhia 'bith'" = dhéanfadh sé cainnt fút fhéin nó faoi do chuid, ach ní chuirfeadh sé aon -bhail ó Dhia ar a' té nó ar a' rud a mbeadh sé a' cainnt air. "Nach maith a chaithfeadh sé caidéis a fhaghail duit!" = cainnt a dhéanamh fút nó sunntas a dhéanamh dhuit ar bhealach eicínt, nó thú a mholadh gan bail ó Dhia a chuir ort, nó a mhacsamhail. "Dheamhan duine dhá dtiocfa an bóthar nach bhfuighe an rúisc sin caidéis dhó. Ní thugann sí scith a' bith dhá teanga." "Má's le duine caidéis a fhaghail do dhuine ná do bheithidheach, sé'n rud is lugha dhó 'bail ó Dhia' a chuir air." "Fuair sé caidéis do mo chulaith nuaidh. Dubhairt sé go raibh sí a' teacht dhom go maith." "Fuair sé caidéis do'n ghamhain, gan é 'bheannú. Bail ó Dhia uainne air!" "Tá caidéis faighte ag a' gceann céadna do chuile rud, ach is beag a' luath aige bail ó Dhia a chuir ar rud a' bith." "Níor mhaith liom go bhfaigheadh an ceann céadna caidéis a' bith dhom fhéin ná do mo chuid. Deir siad go bhfuil droch-shúil aige." "Dar príosta dá bhfaghad sé aon-chaidéis d'aon ceo dhá mbeadh agamsa, ní fhágfadh sé ball na h-áite go gcuireadh sé 'bail ó Dhia air'." "Deir siad gurb é S. Bh. ba chionntach léithe sin. Fuair sé caidéis di, gan aon-'bhail ó Dhia', a chuir uirre. Badh é ráidhte 'chuile dhuine go raibh droch-shúil aige. Pé acu sin é, dheamhan deoir bhainne sláinte a d'ól sí ó'n lá a bhfuair sé caidéis di. Bhí a máthair a's a muinntir a' strócántacht le na fear, ag iarraidh air a dhul go dtí S. B. a's é 'thabhairt 'un láithreach, go gcuireadh sé 'bail ó Dhia fliuch' uirre." "Ní bheadh biorán puinntín agad, nach gcaithfeadh an bhean chéadna caidéis

a fhaghail dó." "Cé'n fáth ar fhiafruigh sé sin dhíom! Muise cá'r fhága tú an chaidéis!" = fiosracht, fiafruighil. "Is gearr go mbí 'fhios aici siúd cé bhí ann, má ghníonn caidéis a's conórtas di é." "Thosuigh sí a' fiafruighe le neart caidéise cá bhfuair P. an cóta nuadh atá aige. Shílfeá inDomhnach gurb é an chaoi ar ghoid sé é."

"Má chuireann T. S. aon-chaidéis oraíbh, fuagruighidh do na póilíos é" = má chuireann sé aon araoid ná aon-aighneas oraibh, nó má ionnsuigheann sé sib, innsighidh do na póilíos é. "Níor cuireadh caidéis a' bith ormsa faoi sholus" = níor cuireadh ceist a' bith orm faoi; níor tugadh sunntas a' bith dhom nach raibh solus agham. "Nach diabhaltaidhe mór a' smál atá oraibh a's caidéis a' bith a chuir uirre sin. Is maith atá 'fhios agaibh gurb shin í ubhall na h-aithne a's ní beo sib, 'na dheidh sin gan a bheith a' saghdadh fúithe." "Bhí an sagart óg ag imtheacht splanncuighthe, a' díbirt daoine de'n bhóthar, ach dheamhan caidéis a' bith a chuir sé orainne. D'aithin sé nach raibh aon-mhísc ionainn." "Is olc an éadáil é sin le aon-chaidéis a chuir air" = le araoid ná aighneas a' bith a chuir air. "Chloisfeá daoine a' clamhsán, nach bhfuil cinneadh a' bith le na bhfuil 'sna bólaí sin. Well, tá mise a' gabhail a' bhealach sin, go h-acht a's go h-áithrid le cheithre bliadhna, a's dheamhan caidéis a cuireadh ariamh orm." "Dheamhan duine ná deoruidhe aca(b) a chuir aon-chaidéis orm ná dubhairt drúcht ná báisteach liom." "Is furasta dhó a bheith imthighthe as a chranna cumhachta le ámhuilleacht a's 'scaibhtéaracht'. Dhá dtagadh sé isteach th'éis duine a mharbhú dheamhan caidéis a chuirfeadh a' t-athair ná'n mháthair air. Sé'n chaoi 'bhfuil siad a' borradh leis." "Má chuireann aon-duine de'n ghrifisc sin aon-chaidéis ormsa, dar brigh an leabhair, ní bheidh aige ach maltraid. 'Chuile bhall aghamsa, ach duine de'n dream sin." "Chuirfeadh sé siúd caidéis ar a' sagart, nuair a bheadh taghd air." "Déan do bhealach a's ná cuir caidéis ar aon duine, a's ní chuirfe aon-duine aon-chaidéis ort. Níl buille 'bith is fhearr ná'n buille réidh"

"Nach caidéiseach a' mhaise dhuit é" = nach aighneasach nó nach fiafruightheach (níl an chiall "achrann" nó "troid" leis an aidiacht, ní hé sin do'n ainm-fhocal é). "Is tú a bhí caidéiseach a dhul a' rádh rud a' bith léithe faoi na gúna nuadh. Is aistighe í sin, ná 'bhfaca tú ariamh." "Duine an-chaidéiseach é Seán sin." "Tá sí chomh caidéiseach a's gur beag nach dteastóchadh uaithe fios a fhaghail, céard d'ith tú le do bhricfasta ar maidin." "Ná bí chomh caidéiseach sin. Nach h-iomdha áit a' mbeidh duine ag dhul, a's nach maith leis é 'innseacht duitse." "Tá sí sin chomh caidéiseach, a's nach mbeadh rud istigh faoi chaolach do tighe nar mhaith léithe cainnt a dhéanamh dhe. B'fhearr liom go mór go bhfanadh sí amach uileag uainn." "Ba dhual dó a bheith caidéiseach. Ní raibh aon-cheo sa tír ingan-fhios dá athair. Sin é an sórt duine a bhí ann, nach mbeadh sé beo, gan 'chuile fhios a bheith aige." "Is iongantas é muis, mara raibh an méid sin tuairisce aice a's chomh caidéiseach a's tá sí." "Tá'n fear céadna ro-chaidéiseach ar fad. Cá'il a' rud nach bhfuighe sé cainnt dó?"

Nóra: cé'n bláth atá ort.
Brighid: maith go leor, slán a' caidéiseach = "slán a' té a fhiafruighea(nn)s" = "slán a bheidheas tú." [Níor chuala mé aon-leas dhá bhaint as "caidéiseach" mar ainm-fhocal, ach in a mhacsamhail seo de chás]. "Níl gar a' casaoid, slán a' caidéiseach." "A' breacadh liom, slán a' caidéiseach. Cé'n bláth atá ort fhéin." "Dheamhan a bhfuil dhíom ach réasúnta slán a' caidéiseach. Is maith an mhaise agad fhéin fós é, bail ó Dhia a's ó Mhuire ort." "Lag slán, slán a' caidéiseach." "Muise a' baint lá as, slán a' caidéiseach. Dheamhan a bhfuil basctha dhíot fhéin; feicthear dhom." "A' caitheamh an tsaoghail slán a' caidéiseach. Ní cás do dhuine é, an fhad's tá sé indon a dul isteach a's amach a's a chuid 'ithe." "Dheamhan de chailleadh orm, slán a' caidéiseach. Sa meadh chéadna i gcomhnuidhe."

Caidhfte = ainm-fhocal, firinscneach, iolraidh — caidhftí.

Caidhfte = duine nó beitheadhach a bheadh in a sheasamh in a staic; na staidhce; duine in a sheasamh a's gan é a' déanamh tada; "bean nach mbeadh aon-bhunús tighe innte, a's meas mór aice uirre fhéin" (T. B.) = caidhfte mná.

"Cuir isteach a' t-asal sin, a's ná bíodh sé 'na chaidhfte amuigh." "Tá tú in do sheasamh in do chaidhfte annsin i gcomhnuidhe." "Measann sibh má fhanann sib in 'ur gcaidhftí annsin go faoithin, go bhfanócha an bus libh. Is beag a' baoghal air a mhaisce." "Cuir crudh in a thosach, a's déan smeach eicínt oibre, nó'n leat fanacht annsin do chaidhfte, mar d'fhan tú indé." "Tá caidhfte de laogh annsin thiar, a's dheamhan smut a leagfadh sé ar a chuid beatha. Nuair a thairg mé dhó é, 'séard a rinne sé é fhéin a chrupadh isteach i lúibinn a' chlaidhe." "Tá sé 'na chaidhfte thíos ag binn Sh. G. ó mhaidin gan a dhul anonn ná anall as. Is leis an áit údaidh go trathnóna é, mara mbagruighe duine eicínt air a dhul abhaile." "Tá caidhfte mná aige, nach n-iarrfadh aon-bhuille maitheasa a dheanamh dhá lá a saoghail, a's faghadh sí duine a choinneochadh comhrádh léithe." "Tarraingeocha sí an carr falamh maith go leor, ach chomh luath a's chuirfeas tú ualach a' bith uirre, seasfa sí suas annsin na caidhfte, a's Goll Mac Móirne, ní bhainfeadh feannc aiste, go dtogruighe sí fhéin é." (capall). "Is bean mhaith snáthaide a's abhrais í M. F. Ní seasfa suas in a caidhfte i lár a' tighe a dhéanfas sí, a' breathnú uaithe, ní hé sin a's daoine eile é!" "Nach diabhaltaidhe an éadáil do dhuine an oidhche a chaitheamh in a chaidhfte thoir annsin thoir ar choirnéil dhá phréachadh féin. Shílfeá go mba mhó an tsamhaoine do dhuine fanacht istigh 'san áit a mbeadh teine 'gus teas aige, ná bheith ar a' gceird sin." "Ar a' dá luath a's ar fhuagair mé air, sheas sé suas in a chaidhfte, a's níor fhan smid aige. Bhí sé 'gabhail na h-uaire móire air, déarf-ainn, ach inDomhnach ba bheag sin aghamsa."

Caidhl, Caidhlín. ainm-fhocal, baininscneach (caidhlín)
Caidhl, Caidhlín = cual; cárnáinín; meillín cruinnighthe de rudaí
scaoilte, fearacht méaróg, pighneachaí etc. ("pile") Briathar caidhleadh

"Tá caidhl mhór phighneachaí annsin aghad" = iad socruighthe i mullach a
chéile, mar bheadh siad ag cearrbhachaí cártaí. "Dheamhan a' féidir
go bhfuil an chaidhl sin gnúithte (: gnóithte) aghad, ó thosuigh tú
ag imirt?" "Tá'n bord sladtha aige. Bhfeiceann tú an
chaidhl scilleachaí a's sé-pighneachaí atá aige?" "Bhí caidhl de
phíosaí trí-pighne a's de phighneachaí len' ais. 'Sé a chrap leis
a raibh (: de airgead imeartha) ar a' mbord anocht."
"Dar príochaidhe tá'n chaidhl a bhí aghamsa annseo ionann's ídighthe
aríst." "Is ghearr le dhul í mar chaidhl, nuair 'athruighea(nn)s an
imirt" = nuair a thosóchadh an imirt a' dhul in t'aghaidh.
"Chaithfeadh sé go raibh imirt láidir ag ceann an bhóthair indiu, a's an chaidhl
leath-chorónachaí a chonnaic mé ann." "Bhí caidhl chloch
i lár a' bhóthair, a's fhobair gur leag siad mé."
"Tá'n catmara ar na gasúir sin síos, a' cur caidhleannaí
cloch ar a' mbóthar. Dheamhan a n-aireochthá iad go
mbuailtheá fútha(b)." "Feicfe tú an chaidhl chloch a rinne mé
taobh amuigh ar a' dúrlaing, a's níl ort ach do láimh a sháthadh
isteach faoi'n gclaidhe ar a' n-aghaidh, a's gheobha tú an
scian annsin." "'Sí'n roínn atá taobh thiar de'n chaidhlín chloch
a rinne mé ag a' gcaracán, an roínn (: fheamuinne) se'aghainne."
"Shílfeá go bhfuil tú a' déanamh caidhlíní de na faochain. Cé
agaibh ar leis an chaidhlín seo?" [páistí a' cur fhaochan i mullach
a chéile]. "Rinne mé caidhlín dhá raibh de leith pighneachaí agham
a's meastú nach raibh scilling a's pighinn ann. Sin é a raibh
a' gabhail liom de bhárr na h-oidhche." "Leag sé an tsinseáil
in a caidhlín ar a' gcúntar, a's meastú marach gur thug Dia
dhom í a chomhaireamh, nach mbeidhinn scilling gearr. Sin é an
cneámhaire agad!" "Caith anall an chaidhlín chaorán sin thall,
go gcuire mé ar chúla na teine iad. Phioc mé iad trathnóna
ach dheamhan shílfeá fhairis sin de thiormach orra(b)."
"Déan caidhlín de na píosaí ' bhuidéal sin, go gcuirtear
amach i bpoll a' chlaidhe iad. Fainic Dia aithnightear a' dtiocfadh
aon-sclamh aca(b) in do chois!"

Caidhleadh: briathar. Cadhladh freisin adeirtear i (i) thíos

Caidhleadh: (i) cárnán, meall cruinnighthe, cual, caidhl, nó caidhlín a dhéanamh de rudaí; rudaí a shocrú i mullach a chéile in a gcual. (ii) A' caidhleadh sneachta, báistighe, urchar etc. = do do phlúchadh do dhalladh leo; é 'bheith 'caitheamh sneachta, báistighe etc. chomh tréan a's nach mbadh léar dhuit tada; sneachta, báisteach etc. a's ghaoth leo, a's iad in t'aghaidh.

(i) "Chaith mé an oidhche a' breathnú air a' caidhleadh (nó a' cadhladh) suas na bpighneachaí. 'Sé a chrap leis a raibh 'san imirt" = bhí sé a' gnothachtáil, a's é a' cur pighneachaí in a gcual i mullach a chéile. "Tá tú dhá gcaidhleadh dólom" = tá tú a' gnothachtal phighneacha a's a' déanamh caidhlín díob, ar feadh an achair. "Déan na leithpighneachaí sin a chadhladh suas (ch)ugad fhéin annsin." "Chonnaic mé thiar annsin thiar é (: an gasúr) ar ball a's é caidhleadh suas chloch in a gcárnán — a' déanamh tighthe beaga dhó fhéin mar dhóigh dhe!" "Shíl mé gur dhubhairt mé leat an mhóin sin a chaidhleadh suas i mullach a chéile, a's gan í a fhágáil in a ciseach mar sin! Ach is beag a' mhaith rud a' bith a rádh leat. Tá tú ro-neamh-áirdeamhail ar fad." "Bailigh a bhfuil de chlocha ar a' gcúl sin, a's déan iad a chaidhleadh suas in éindigh annseo. Cuirfeamuid ar na leachtaí aríst iad, nó tárlóchamuid amach ar a' mbóthar le ciseogaí iad." "Níor mhór a bhfuil de chlocha sa ngarrdha sin a phiocadh a's iad a chaidhleadh suas in áit eicínt as a' mbealach, má's linn é 'leigean amach 'un féir imbliadhna. Tá an draoi cloch air." "'Séard a b'fhearr dhuit a dhéanamh leis a' mionudhas móna sin, í a chaidhleadh suas aisti fhéin in áit eicínt, a's í 'thabhairt abhaile 'sna cléibh nó i málaí." "Is fhearr dhuit a bhfuil de scriocháin (: screacháin, creacháin) ar 'chuile iomaire, a chaidhleadh suas le chéile in a gcárnáinín, a's iad a thabhairt abhaile trathnóna igcléibh an asail." "B'fhearr duit na sclamhairí sin a chaidhleadh suas in a gcárnán, a's bruighfeamuid do na muca iad."

(ii) "Bhí mé do mo chaidhleadh le báisti(gh)." "Ba é an lá ba

mheasa é 'chonnaic mé ariamh. Ní leigfeadh sé luch as poll ná d-l as Ifreann. Bhí mé do mo chaidhleadh le báisti(gh), a's gan fiú's a' cóta mór fhéin orm." "Dheamhan coisméig de'n bhealach nach raibh mé do mo chaidhleadh le sneachta, a's cé'n bhrigh ach nar léar dhom troigh de'n bhóthar." "Fuair sé garbh indiu é muis. Bhí sé dhá chaidhleadh le sneachta ó d'fhága sé Gaillimh, go dtáinic sé abhaile." "Is beag a' dochar dhó a bheith sínte fhéin, má bhí sé dhá chaidhleadh le sneachta ar feadh an lae mar sin, a's gan fascadh ná dídean aige, ach mar bheadh lorg coise na bó ar a' gcneagaire" [Féach "cneagaire"] "Shoraidh dhíot nar fhan mar bhí tú, a's gan a dhul i gcleitheamhnas thú 'bheith do do chaidhleadh le sneachta mar sin. (D)ar ndóigh, ní chorróchadh aon-fheithideach beo amach a leithide d'oidhche." "Shíl mé go srianfainn abhaile é, ar chuma eicínt, ach th'éis cupla uair do mo chaidhleadh le báisti(gh), ba mhaith liom agam tigh Bh. N. Mh. Chaith mé cupla uair ann go dtáinic aith-deal aige." "D'fhéadfá 'rádh go raibh muid idteannta. Muid dhár gcaidhleadh le piléir a's le "shell"annaí, a's gan dul ar ar n-aghaidh, ná ar ar gcúl aghainn! A's gan-fhios cé'n puinnte a bpléascfadh ceann aca(b) sin, a's a ndéanfadh sé smiodairíní de chéad againn in éindigh." "'Is maith an bádóir a bhío(nn)s ar a' talamh' adeir siad. B'fhéidir dhá mbeadh sé annsiúd, a's é dhá chaidhleadh le urchair, go mbadh bheag a' mhaith é. Ní bhíonn aon-chíos ar a' gcainnt." "Tá sé a' caidhleadh sneachta, báistighe etc." = dá gcur go tréan; dá séideadh; dá gcur a's gaoth leo; a' roilleadh. "Cá mbeitheá a' gul (: a' dul)? Nach bhfeiceann tú a' caidhleadh sneachta é." "Ní bheidh an oidhche ineolta (: insheolta?) arís anocht. Tá sé a' caidhleadh báistighe mar bheadh Dia dhá rádh leis anois." "Go bhféacha Dia ar aon-chréatúr atá amuigh anocht. Saothrócha siad é, a's an chaoi 'bhfuil sé a' caidhleadh sneachta." "Tabhair caidhleadh air! Tá ceann faoi ar a' lá ar fad anois. Is míllteach an aimsir í, ní ceasacht ar Dhia é!"

Cailemhineog (cail-mhionnóg?) = ainm-fhocal baininscneach (focal Achréidh)
Cailemhineog = scamall glé-ghlas nó liath a chruthuigheas sa samhradh ar linn, nó ar uachtar uisce ar bith a bhfuil comhnuidhe air, mórán achair.
Cor téachtuighthe nó barr moirteamhail a' thoidheacht ar uisce.

"Bíonn dubhán alla caile mhineog ar an uisce, uileag sa samhradh, nó ar uisce ar bith nach bhfuil a' rith, ar chuma'r bith." "Níl a' t-uisce atá sa bpoll sin thiar i gcruth ólta ag na beithidhigh. Tá sé faoi chaile mhineog fré chéile." "Níl sa turloch sin anois ach linn mhúnlaigh. Tá caile mhineog air uilig." "Is deas an áit a rachthá i gcoinne uisce té — síos go dtí an tobar brocach sin, atá faoi chaile mhineoig as éadan." "Má sheasann an broththaighil seo i bhfad eile, is gearr nach mbeidh an t-uisce atá 'sna linntreachaí sin le'n ól ag na beithidhigh. Tá sé a' déanamh caile-mhineoige cheana." "Tá col glactha ag na beithidhigh leis an uisce sin, ó tháinic an chailemhineog air." "Níl uisce a' bith saor anois, gan a bheagán 'mhórán cailemhineoig' a bheith air, cé's moite d'uisce an 'phump'." "Nach mór an cam srón birín orm go gcaithfe mé a dhul faoi dhó sa ló chuig an 'bpump', ag iarraidh bairillí uisce, a's neart uisce ar mo chuid talmhana fhéin, ach nach leagfaidís (: na beithidhigh) smut air ingeall ar a' gcaile mhineoig. Ach is beag a' locht a bheidheas acu air, ar ball, nuair a theang(mh)óchas an tart tuille leobhtha." "Má fhágtar uisce achar a' bith in a sheasamh ar an teasúch (: teasbac) seo, deanann sé caile mhineog, a's bheadh carghaos ort é 'thabhairt len ól do thada." "Bhí an oiread tairt air, a's gur scríob sé an chaile mhineog de linn atá tae(bh) istigh de chlaidhe annsin thiar ar thalamh J. Ph., a's d'ól sé suas a sháith dhi. Dheamhan a raibh sé d'fhoighid fanacht go bhfaghadh sé deoch tigh Ch." "Indar liom féin gurb é an t-uisce a d'ól sí (: an bhó) annsin thiar a chuir an tonn-taoscach sin uirre. Bhí sé 'na chailemhineoig ar fad. Níor mhór do dhuine a bheith 'san áirdeall, céard a bhfaighidís (: a gheobhaidís) len' ól ar an teasúch seo."

Cairthín = ainm-fhocal; baininscneach; iolraidh — cairthíní.

Cairthín = cadairne nó áirdín atá ar leath-deire capaill, duine etc.

"Ara a mhic ó, tháinic sí aníos, a's í gróigthe thiar ar chairín a' chapaill mar bheadh staic d'fhear ann." "Theigheadh mná ar cúlóig an uair sin (: fadó) chomh maith le fir. Bhíodh pillín acab a chuiridís fútha(b) fhéin thiar ar chairthín an chapaill. Cé'n bhrigh go dtosuigheadh an choimhlinnt. An té 'cuirfidhe anuas an uair sin, d'fhéadfá-sa a rádh go mbeadh a shraith ar lár, ar chuma ar bith." "Má's leat a dhul ar cúlóig, ní f'learr dhuit mála 'fhaghail le cur fút fhéin ar chairthín a' chapaill. Tá'n chapall sin chomh suaidhte sin, a's go dtiocfadh a goramhnaí thríot mar bheadh snáthadaí ann." "Má ghróigeann tú thú féin mar is ceart ar cairthín, a's gan a bheith do do shníomh fhéin, ní leagfaidhe thú dhá mbeadh an capall ag imtheacht ins na seala babhtaí. Níl sárú T. Ph. ann ar cúlóig." "Sé'n áit a raibh an folach (: mála mór arbhair nó eile) aige thiar ar a cairthín, i leaba é bheith faoi na druím. 'mbeadh maith ar bith a bheith cainnt!" "Tá cairthín breagh rithte aige siúd l'aghaidh na bróige!" = "Is maith an dóigh ciceála é an cairthín atá aige!" "An bhróig a theastóchadh uaidh — sa gcairthín!" "Fágfa mise mairc sa gcairthín ort mara n-eirighe tú as" [Féach "mairc"]. "Tá buaic mhaith a's cairthín urradhanta aice, ach shílfeá nach bhfuil aon-tapa innte as na cosa [capall]": "Tá'n cairthín ro-chocáilte aice, a's ní thaithnigheann sí liom" (bean)

Calm, Cailm = ainm-fhocal, firinscneach.

Calm: (i) lagar; téigle; marbhthántacht; gan puth nó flaim as aer.

Cailm (ii) clóic; stró; easonóir; mairg [ciall (ii) an-choitcheannta in Iarthar Chonamara.].

"Tá sé in a chalm" = tá sé in a théigle nó in a lagar. "Cá'r bhuail an calm sib?" = cé'n áit ar a' bhfairrge ar tháinic an téigle orraibh. "Tá sé in a chalm aríst th'éis na h-uaire móire." "Ní raibh smeámh as aer, ach é 'na chalm chríochnuighthe." "Cothú na h-uaire móire, calm a' trathnóna" = "cothú na h-uaire móire an trathnóna a bheith go breagh." "Má sheasann sé in a chalm mharbh mar seo i bhfad eile, caithfe sib a dhul ar na buillí" = a dhul ag iomramh. "Claochmóchaidh sé a's tiocfa sé ar chalm, as a' gcreatalach seo." "Bhuail calm muid ag a' Matal, a's bhí an fhairrge in a clár. Dheamhan coisméig a bhí againn as sin anoir." "Chuir muid iomlán a cuid éadaighe uirre, ach ba bheag a' mhaith sin, arae ní fhaca mé ariamh cheana, a's an fhad's tá mé a' pléidh le fairrge, a leithide de chalm." "Ní raibh leide gaoithe a' bith ann, ní áirmighim leide córach. Tháinic dubh-chalm orainn." "D'fhéachfadh an iomramh muid, marach muid a bheith ar ghort a' bhaile 'nuair a bhuail an calm muid." "Maran a' preabadh atá an gaoth is tús cailm é" = tá sé ag dul ar chalm, mar 'indán's gur ag athrú a bheadh an ghaoth. "Tá tú indeire cailm, déarfainn. Feicim an seol mór a' líonadh" = Tá'n calm caithte, arae feicim sinneán gaoithe a' teacht faoi'n seol mór. "Seasfa sé ar a' gcalm seo, go trathnóna. Ach ní féidir dhó nó eireocha smeámh eicínt le comh(n)tráth." "B'fhearr í bheith ar an luige chuig fhéin, ná 'bheith in do staic ar fad le calm." "Cuimhnighim oidhche a raibh fuirtheacht cala(idh) orainn, le calm i gcéibh a' S. Dheamhan an oiread móna a bhí againn a's a dheargfadh teine dhuinn." "Is olc a' rud lá cailm ar a' bhfairrge. Dhá dhonacht an uair mhór, b'fhearr liom fhéin go fada í, ná seal cailm."

"Calm a's deagh-lá go bhfagha sib!" = beannacht ar bhádóirí.

"'Calm a's deagh-lá go bhfagha t'anam, a ghaidí' adeir a' t-iascaire a's an t-athair a' saothrú báis" = as scéal magamhail faoi iascairí cladach Teampuill Mhuire. "Is olc é an calm geimhridh!"

"Dheamhan cailm fós air" = níl aon-stróbh fós air. "Deir an dochtúr nach bhfuil cailm a' bith air, a's go srianfa sé thríd, ach dheamhan fhios agham." "Tá cailm mhór air go deimhin — fear a d'ith ionann's punt feola indé!" "Is beag a' chailm a bheidheas air sin, nuair a éagnóchas sé é, deirimse leat" = má bhíonn mairg a' bith air, déanfa sé fuasaoid faoi. "Níl aon-chailm anois ort. Beidh tú indon an oidhche a mharuidheacht th'éis an mhuinisc sin a ithe." "Tá braon maith ar bord aige, ach má tá fhéin, dheamhan cailm air, an bealach a dhéanamh abhaile." "Dhá mbadh feasach mé go mbeadh aon-chailm air, ghabhfainn in éindigh leis. Ach ní chomhairim go bhfaighidís ionnta(b) fhéin, a dhul a' tabhairt áladh ar mhalrach mar é sin." "Ní raibh aon-chailm orainne é 'shrianadh abhaile th'éis a' méid sin fhéin de roisín. Ach níor shúgh salmhain imbéal buláin ag a' bhfear thiar é. Chaith sé an bóthar anoir ar fad a' fuasaoid ocrais."

"D'ól sé sé ghailleog as cosa idtaca, a's dheamhan a dhath cailm a cuir siad air" = d'ól sé sé ghloine poitín go dlúth indiaidh a chéile a's níor chuir siad lá mairge air 'na dheidh sin. "Is beag an chailm a chuir an bháisteach air, aindeoin go raibh sé a' roilleadh."

"Th'éis a bhfuair sé de liúradh dheamhan blas chailm a bhí air. Dheamhan a chos siúd nach ndéanfa aríst é, arae níl aon-chomhairleachan in a chíonn." "Tá fhios ag a' lá gur beag a' chailm atá air, a's an ruaig thinnis atá dhe aige. Ach reanglamán bradach roighin é."

"Deir sé fhéin go bhfuil sé ar neamh-chodladh le seachtmhain, a's dar príosta má tá is beag a' chailm atá air, in a dhiaidh."

"Dhá mbeadh an oiread cailm air, a's atá a leigean amach fhéin, inDomhnach ní bheadh an oiread fíbín ag imtheacht air, a's tá." "Tá cailm mhór ort go deimhin — coduigheacht a's cluanuigheacht a's neart díomhaontais!" = [duine a bhí a' fuasaoid tinnis, a's nach in acmhuinn aon-bhuille a dheanamh, má b'fhíor dhó fhéin]. "Ó throisc mé an fhad seo anois dhá uireasbha, ní chuirfe sé aon-chailm orm troisceadh scathamh eile. 'Ó chaith mé an choinneal, caithfe mé an t-orlach'."

"Níl aon-chailm ar chailíní in Ameriocá anois (1930)." "Tá súil agham nach bhfuil clóic ná cailm ort."

Camán luaithe = ainm-fhocal, firinscneach.
Camán luaithe = riasca gorma, gártha a d'fheicfeá amanntaí
sa luaith, nó sa teine. Deirtear gur tuar gairbhshin,
nó cothú na h-uaire móire é.

"Tá gairbhshion air. 'Bhfeiceann tú an camán luaithe atá sa
ngríosa(igh)?" "Ní fhaca mé ariamh an camán luaithe sin 'sa
teine, nach droch-uair a bheadh air. Tá dalladh dhe ann anocht
muis." "'D'fhága an chearc cleite in a diaidh a's tá an camán
luaithe sin sa teine'. Sin é adeireadh S. 'ndéana Dia grásta
air i gcomhnuidhe, nuair a bhíodh droch-uair air." "Cothú na
h-uaire móire an camán luaithe sin a fheiceál sa teine
muis. Má thagann mórán eile mar an aimsir seo, go bhfoire
Dia ar a' saoghal. Ní bheidh duine ná beithidheach ann."
"Tá na riascannaí gorma sin sa teine anocht. Le neart
uair' bhriste a bhío(nn)s an camán luaithe sin innte
i gcomhnuidhe." "Níor facthas a leithide d'aimsir
ó rugadh a' chéad-fhear. A's mara bhfuil ag Dia, ní tús
ná deire dhi. Tá'n camán luaithe chomh gártha sa teine
anocht, a's bhí sé oidhche ar bith le seachtmhain." "Is olc
a' chosamhlacht a' camán luaithe sin muis. Tuille de'n
uair mhóir. Ach grásta Dé, ní eireocha sé as a ngairbhshion
chor a' bith." "Is furast' aithinte ar a' teine anocht
gur tuille doininne atá air. Bhí an camán luaithe
thríd a' lasair." "'Íosfa an camán luaithe orainn iad'
adeireadh muid fadó a's muid a' cur síos bruithneogaí.
Chlúduigheadh muid le luaithe iad, mar dhoigh dhe nach bhfeicfídhe
iad." "Mara gclúduighe tú an bhruithneog sin, íosfa
an camán luaithe ort í." "Tabhair aire do na
báirnigh sin, nó íosfa an camán luaithe ort iad.
Itheann sé báirnigh ar ghasúir bheaga." "Clúdócha mé
iad, a's ní thiubhra mé cead do'n chamán luaithe iad
'ithe orm." "Nach beag a' chiall a bhíodh againn,
nuair a shíleadh muid go n-íosfadh an camán
luaithe na fataí a bhíodh muid a róstadh sa teine."

Cantaireacht = ainm-fhocal, baininscneach. (Achréidh)
Cantaireacht = cainnt; siosma; geoin mhór; nó ceileabhar; mar bheadh lán tighe de dhaoine a's iad ar fad a' cainnt in éindigh.

"Bhí cantaireacht ann." "Ar a theacht faoi'n dorus dhom, chuala mé an chantaireacht istigh, a's staon mé nóiméad, go bhfeicinn cé 'bhí ann." "Sin é an teach a mbíonn a' chantaireacht 'chuile oidhche ann, a's ní dóigh dhuit an fhírinne ná'n bhréag a chloisteáil 'na gcosamar." "Tá mé adhartha agaibh fhéin a's ag a gcuid cantaireachta! Cé'n bhrigh dhá mbeadh aon-tsubstaint sa rud adéarfadh sib; ach níl — cainnt ar sraith." "Níl cló-stiúrtha a' bith fanta ar a' teach anois ag lucht cuart? Chloisfeá an chantaireacht a bhíos ann chuile oidhche thiar sa mbóithrín beag. Is mór a' t-iongnadh nach dtugann Seán-J. an tsráid amach dóib." "Tá sé seo thoir sáthach dóroinneach (: dóghrainneach?) a's dheamhan ar thaise tada leis a' gceann thíos é, ach sé'n scéal é nuair a bhaineadar amach sa gcainnt, bhí cantaireacht ann, dar mo leabhar." "Ní chloisfeá méir i gcluais sa teach s'againne ag cantaireacht putaigh. Is minic a fuaidh sé thríom toisighe dá léasadh, ach má dhéanaim sin leobhth' beidh na h-ollghártha ann chomh maith céadna. 'Mara chéile an ballséire a's a ghiolla' arsa tusa." "Cuirfe mise cantaireacht ar a' ngoile agaibh mura ndéana sib forus, a's cead a thabhairt dom mo shuipéar a itheadh faoi shlacht." "Shíl mé gur céad fear a bhí 'teacht, 'nuair a chuala mé an chantaireacht ag Casadh an Aird. Cé bheadh agam ann, ach Nell a's Brighid!" "Go dtuga Dia ciall duit! Ní fhéadfá aon-pháipéar a léigheamh annsiúd le 'mbíonn de chantaireacht chainnte ann. Dar mo leabhar, is geall leis a' Dáil scaithtí é. Ach ní bhíonn aon-chuideachta ann mara dtoisighe P. fhéin. Sin é atá indon brabach a fhaghail ar 'chuile dhuine." "Marach go raibh mallú (: mathshluagh) mór istigh, ní bheadh an oiread siod cantaireachta le cloisteáil ann, a's an dorus dúinte." "Dá smuintighinn (: smaointighinn) in am orm féin, ní dhéanfainn ceann ar aghaidh chor a' bith, ach d'fhanfainn go sroichfeadh an chantaireacht mé. Annsin, b'fhéidir go dtuitfeadh liom abhras eicínt a bhaint as a' gcainnt."

Caolóid Caológ (caol-fhód?) = ainm-fhocal, baininscneach, iolraidh — caolóidí, caolóideachaí.
Caolóid = (i) nuair a leagtar na bruachannaí th'éis cur fataí, fágtar fóidín in a sheasamh i lár na h-iomaire thar gheimhreadh. Aríst nuair a spréidhtear an coirce 'san Earrach, cuirtear isteach an chaolóid ar an gclaise ar gach taobh. Idtalamh ithreach nó luirg a deantar seo. Ar fhóidín na scríbe sa treabhadh a tugtar ar an Achréidh é.
Caolóid Riabhach; Caológ Riabhach = leannán na cuaiche; éinín beag mar bheadh meanntán ann a bhíos i dteannta na cuaiche, nó in a diaidh.

"Ní h-oire go caolóid" = ní bhíonn fhios cé'n mhaith a bhíos le treabhadóir go gcastar caolóid air. Sí'n chaolóid atá indon é 'fhéachaint.
"'Ní bádóir go lán-tseol; ní tuigheadóir go cúinne; ní h-oire go caolóid, a's ní figheadóir go súsa'" [sean-rann]
"Níor fhága tú de dhíol de chaolóid ann" = níor fhága tú do dhíol leithid sa gcaolóid. "Níl aon-ghna(ithe) a' leagan bruachannaí aige, arae ní fhágann sé leithead slaite de chaolóid ann." "Níl caolóid a' gabhail leis an ngarrdha, nach bhfuil cis ar asair déanta ag na beithidhigh dhe." "Spréidh an chaolóid isteach ar a' gclaise." "Craithtear coirce air idir chaolóid a's chlaise." "Ní fhágann siad caolóid a' bith 'san ithir. Múchann siad a' talamh as éadan." "Tá cupla caolóid choirce curtha annsin thuas aige, agus sin é 'méid." "Dheamhan caolóid choirce a spréidh mé fós i mbliadhna, ná a bhfuair mé an t-ionbhadh." "Bhí mo chuid síl fhéin ídighthe, a's fuair mé an oiread ó T. Mh. a's a craith na cupla caolóid a bhí thiar le claidhe dhom. Nach n-aithneochthá an mhaith atá orra(b) thar a' gcuid eile de'n gharrdha!" "Bhí mo chaolóid féin spréidhte amach agamsa, shul dhó bhí sé leath-bealaigh in a chaolóid seisean. A's deamhan leath-chlúdú a thug sé ar an gcoirce in' aice sin. Dearg -spreallaire é. Is mór leis a dhruim a lúbadh chor a' bith." "Tá tú thart ó b'éigean duit na cupla caolóid choirce sin a chur." "Chuir muid neart fataí spréidhte amach ó na caolóideachaí luirg sa ngarrdha sin thuas, a's muid a' cur a' choirce i mbliadhna." "Ní fhéadfainn caolóid ithreach a chur anois, nach mbuaileann an tinneas droma sin mé. Má bhím cromta achar a' bith, ní fhéadaim mo dhruim a díriú chor a' bith 'na dhiaidh."

"Bíonn an chaolóid (chaológ) riabhach i gcomhnuidhe in diaidh na cuaiche." "Dheamhan ar chuala mise ariamh go ndéanann an chaológ riabhach aon-mhaith do'n chuaich, ach go mbíonn sí in a buil is 'chuile áit." "Uair anna(mh) nach bhfeicfeá an chaológ riabhach dá coimhdeacht." (: a' coimhdeacht na cuaiche). "Ní fhágann an chaolóid riabhach an chuach cor a' bith, ach dhá tiodlacan, a's a' soláthar di. Níl fhios agham féin, a' ndeanann sí imirce léithe amach faoi na tíre (: tíortha, tíriodhachaí) coimhightheacha, nó nach ndéanann. Feicthear dhom nach bhfaca mé ariamh í, ach an uair a bheadh an chuach ann." "Sí'n chaolóid riabhach an fear fabhairne atá ag an gcuaich" (: éan coimhdeachta nó treorthuighthe nó cuidighthe). "Ní fhágann sé M. chor ar bith, ach an oiread's fhága(nn)s an chaolóid riabhach an chuach. Is maith atá sé dhá saothrú an duine bocht, a's ní móide gur fiú an tairbhe an trioblóid" [fear a bhí 'caitheamh a bróga le bean]. "Ó an chaolóid riabhach indiaidh na cuaiche, sin é an caoi a bhfuil sí sin leis" "Dheamhan samhail atá le tabhairt di fhéin a's do'n tsean-bhean anois, ach a' chaolóid riabhach a's an chuach. Ach m'anam nach ar mhaith leis a' tsean-bhean atá C. a' cothú na coise aice, ach fé'int a n-eireocadh brabach ná solamar a' bith léithe." "Céard tá an geoisteamán sin a dhéanamh soir, an eadh! Muise nach dall a' mhaise dhuit é. 'Bhfaca tú an chuach ariamh gan a' chaológ riabhach a fheiceál ina searrach indiaidh gearráin ina diaidh aniar? A's dheamhan blas í ach a' magadh — a' dearg-mhagadh — faoi." "Tá P. Sh. Dh. imthighthe siar. Is gearr go bhfeice tú an chaolóid riabhach anois anoir 'na dhiaidh. Ní dhéanfad sé aon-tsuaimneas thoir gan a bheith 'na chomhluadar." "Tá S. anois mar bheadh an chaolóid riabhach indiaidh na cuaiche. Dheamhan goir ag an D. a chois a chur amach as a' teach, nach bhfuil sí imthighthe dhá shiubhal ionnsuidhe in a dhiaidh. A's mara bhfuil mearbhall mór ormsa, dheamhan gnaoi a' bith ag an D. uirre."

Caomhamhaint = ainm-fhocal, baininscneach.

Caomhamhaint = (i) teicheadh; i bhfalach; a bheith faoi run maith; a bheith ag imtheacht ingan-fhios do'n dlighe
(ii) fascadh; a bheith rúnmhar; gan fios do ghnaithe ná do chúrsaí a thabhairt d'aonduine.

(i) "Tá sé ar a chaomhamhaint" = ar a theicheadh. "Go bhfóire Dia anois air, muis, má's ag imtheacht ar a chaomhamhaint mar sin atá sé. 'Ingan-fhios do'n dlighe is cóir a bheith ann'." "Tháinic fear isteach annseo fadó, a's chaith sé oidhche ann — oidhche dheannachtach freisin! — fear a bhí ar a chaomhamhaint. Tighearna nó stíobhard a mharbhuigh sé thart síos, a's b'éigean dó greadadh leis ar a' toirt, nó dhá bhfaightí greim air, bhí a chosa nighte. Soir imbarr a' chriathraigh go dtí L. a bhris sé as seo." "Nuair a bhí na buachaillí báire eile sin, in ainm's a bheith ar a gcaomhamhaint, bhánuigh siad na tamhnachaí sin fré chéile. Dubhairt P. D. liom gur mhinic ab éigean dó eirghe dhá leaba 'san oidhche, le duine aca(b) a leigean isteach innte. Deirimse leat gur beag é a bhuidheachas anois, aindeoin ar chaith sé orrab." "Shílfeá go mbadh chosamhail é, le fear a bheadh ar a chaomhamhaint. Dheamhan fonn a' bith a bhí air aon-duine a thaobhachtáil a's dhá bhfeiceadh sé aon-duine a' teacht, d'imtheochadh sé as a' mbealach. Duine é 'tháinic as cathadh eicínt dhá mbeadh a' saoghal a' cainnt." "Chuaidh fear thart annseo an bhliadhain cheana, a's é gléasta mar bheadh tinncéara ann. Ar a chaomhamhaint a bhí sé ingeall ar bhean bhocht eicínt a rubáil a's a mharbhú, thart síos. Dheamhan duine beo, nach gcuirfeadh sé dalladh púicín air. Siar faoi Chonamara in áit eicínt a rugthas air as a dheire, a's cuireadh príosúntacht le na ló air. Má cuireadh fhéin ba mhaith an aghaidh sin air, ná ar aon-duine eile a dhéanfadh a leithide de chleas."
"Is iomdha fear maith a mb'éigean dó seal a chaitheamh ar a chaomhamhaint. Ní fáth náire ar bith é sin, mara mbí coir thútach déanta agad."

"Níl caomhamhaint a' bith ionnad" = níl fascadh a' bith ionnad; níl tú indon rún a' bith a choinneál; innsigheann tú a gcloiseann tú; a bheith béalráideach "A thighearna is beag a' chaomhamhaint thú, má tá indán's gur innis tú an méid sin do'n laisceach bhradach sin, th'éis gur chuir mé seacht bpearbhúl ort gan cainntiú air." "Dheamhan gna(ithe) aghad tada a mbeidh aon-chás aghad ann, a innseacht dó sin, arae níl caomhamhaint a' bith ann. D'innseoch -adh sé an rud ba mheasa leat beo, do'n té nach bhfaca sé ariamh." "Fuair tú amach 'muis an té a mbeadh caomhamhaint ann. Nach bhfuil fhios agad nach mbeadh sé sin beo gan a bheith a' cíbleadh cainnte." "Bíodh caomhamhaint ionnad anois, a's na labhair le aonduine beo faoi sin, go bhfeiceamuid linn." "Sin é an fear a bhfuil a' chaomhamhaint ann. Dheamhan duine a chloisfeas aon-cheo go deo 'na dhiaidh." "Níor scéal é, le aon-chainnt a dheanamh di, marach 'mbeadh duine ann a choinneochadh caomhamhaint air go díreach. Ach inDomhnach, is duine sa gcéad é sin, ar a' saoghal seo, ar aon-nós." "Chonnaic mise an saoghal a's mara mbeadh caomhamhaint ionnad faoi'n rud a d'fheicfeá nó a d'innse(ochth)aidhe dhuit, nar dhóigh cleas a deanfaidhe leat, ná thú a cheangailt suas cois a' bóthair, a's liúradh Chonáin a thabhairt dhuit. Badh shin é an saoghal nach ndéanfaí aon-scéala le na póilíos faoi tada a bheadh a' corruighe." "Ní chainnteochainn ar thada i láthair Sh. Tá sé ro-bhéalráideach. M'anam má's leat do rún a leigean le duine, nach mór dhó caomhamhaint eicínt a bheith ann, agus sin rud muise nach bhfuil i Seán." "Is lughar liom ná'n sioc í sin a' cloisteáil tada. Níl caomhamhaint a' bith innte, a's dheamhan maith fainic a chuir uirre." "A bhéal gan chaomhamhaint!" = "A bhéal gan fascadh!" = a dhuine nach bhfuil indon rún a choinneál! "Droch-rath ort a bhéal gan chaomhamhaint, maran tú a bhí conórach a dhul dhá innseacht sin di."

Caethach, Caethachaí, Cae

Caethach = ainm-fhocal; firinscneach; iolraidh — caethachaí. [cae = uathaidh = Achréidh] = droch-chis, caoch-pholl, nó giodán sléibhe a bheadh criathruighthe le caoch-phuill, nó locháin nó fiodáin.

[Tá baile in aice Mhuigh Cuilinn ar bóthar a' tsléibhe a dtugtar "An Caethach" air]. "Ní féidir é 'shiubhal le 'bhfuil de chaethachaí, a's d'fhiodáin ann." "Is anróiteach an áit a bhfuil tú a' tabhairt t'aghaidh, suas ar an gcaethach bradach sin."
"Má's leat a' mhóin a chuir amach leis an asal, caithfe tú ciseannaí a dhéanamh ann, a's ní gan úidh gan óidh sin, a's a liachtaighe caethach a's atá ann. Cheapfainn féin go mb'fhearr a' ghnoithe a dhéanfá leis a' druim imbliadhna go h-áithrid." "Is maith a chruthuigh mé a's an eang a thabhairt liom chor a' bith ó na caethachaí bradacha siúd. Tá'n criathrach druidthe leo(b)." "Bean idteannta í, muis, má bheireann na caethachaí báithte siúd ar na leithscéil de bhróga atá uirre. Cé'n bhrigh ach na sála corracha atá orra(b). Ionntócha sí orra(b) ar a' gcéad tulchán a chasfas léithe." "Fhobair mé dhul síos go píobán sa gcae siúd atá ar an tsrath." "Tá an-chruadhas sa sliabh atá a' síneadh le L. F. ach maidir leis an íochtar anuas annseo, caoch-phuill a's cíocraí a's caethachaí fré chéile é." "Tá gacha le caethach ann, a's thiocfá síos go seireadhachaí is 'chuile cheann aca(b)." "Ní caoch-phuill fhéin atá ann ach na caethachaí eile sin. Ba mhór a' chontabhairt aon-bhó a chuir ann sa ngeimhreadh." "M'anam muise mara bhfuil ag a chuid beithidheach seasc ach a ndéanann siad de thomsacht ar na caethachaí siúd, nach sugh salmhain imbéal buláin dóib é. Bó a' bith — seasc nó eile — nach bhfuil a' faghail farae ar an aimsir seo, beidh sí ar deire."
"InDomhnach muise, bhí cleachtadh mhór ar bhóithrí aice, a' spágaireacht thrídh chaethachaí a's lathachaí Ch. L. Imtheocha sí as a cranna cumhachta ar fad anois, ó theann sí anuas ar a' míneadas." "Caethachaí — sin áiteachaí boga 'san eanach a's lonnradh glas orru" [L. Ó. F. — Achréidh].

Carcair ainm-fhocal: firinscneach (ach bíonn sé baininscneach amanntaí
de réir an rud atá igceist). Uimhir iolraidh carcaireachaí
tuiseal gein. aonda — carcaireach (carcrach) ach ní h-iondamhail
a' claochlodh seo a theacht air anois.
Carcair: (i) smután nó maide giumhasaighe.
(ii) duine nó rud mór liopastach, mío-stuama
(iii) carra nó breacadh achrannach de chineál ar bith — clocha, faithneadhachaí
(iv) árd géar, nó eirghe 'sa talamh.

"Tá carcair giumhasaighe sa mbruach." "Diabhal mé go mbíodh
neart carcaireachaí giumhasaighe, a's maidí dubha suas
annsin fadó, ach ní fheicfeá ceann a' bith anois." "Is gearr
a bhí mé a' baint, gur nocht mé carcair dhiabhalta
ghiumhasaighe imbruach a' phortaigh." "Tá'n oiread sa gcarcair
siúd, as a chuirfeas taobháin a's ceann ar a' gcró dhó."
"Má tá carcair ghiumhasaighe ann, coinnigh fascadh air, nó ní
leat féin í" = goidfidhear uait í, má labhrann tú air.
"Dheamhan carcair ná mítheán ná sliseog a d'fheicfeá ar a'
saoghal seo." "Cuirfe an charcair sin teas 'sna luirgní
anois ag Nell." "Ba bhreagh an rud carcair bhreagh
ghiumhasaighe anois in aice na móna sin." "Dheamhan carcair
ná sliseog ghiumhasaighe a fágadh sa tír, nár dóghadh bliadhain
a' bhrosna" (: droch-bhliadhain — níor thiormuigh aon-fhód móna — 1905
nó '06 sílim). "Dheamhan fód a' bith móna a dhógha(nn)s siad sin,
ach carcaireachaí giúmhasaighe, a's brosna as a' ros-choill."
"Bhí mé 'déanamh amach gur carcair ghiumhasaighe a bhí ann
idtosach, ach níorbh eadh ach donn-réidh." "Dheamhan deich-
neabhar fear indon a' charcair siúd a thabhairt abhaile.
Caithfear í 'scoilteadh 'san áit a bhfuil sí, a's í iomchur
ina cuideannaí." "Dhá mbeitheá amuigh ar a' gcriathrach
ar maidin, d'aithneochthá an áit a mbeadh carcair ghiumhasaighe
arae ní bhíonn deoir drúchta as a cionn. Nach (h-)aisteach
a' t-adhmad í!" [Sin é adeirtear]. "Bhí Eire faoi
coill uileag fadó: Nach bhfuil a chomharthaidheacht le na
chois! Feacha a bhfuil de charcaireachaí giumhasaighe 'sna

portaigh fós. Nach bhfuil an áit sin suas druidthe le giumhasa(igh)?" "Chreidfinn go raibh coill le bruach na fairrge fadó. Is minic a d'fheicfeá mion-charcaireacha, a's maidí giúmhasaighe i mbarr na trághadh, ach a dhul síos buille domhain." "Níl ughdar teine a' bith is fhearr ná's buaine ach an oiread, ná carcair mhaith ghiumhasaighe. Nar bhreagh í ar an aimsir seo, fharras a bheith i gcleitheamhnas na sean-spairtighe sin, nach bhfuil sponnc ná teas innte!" "Dhóghfad sí ceart, dhá dhonacht í, dhá mbeadh carcair ghiúmhasaighe agad in a teannta." "Is geall le carcair ghiumhasaighe é."

(2) "Nach hé an charcair d'fhear é" = fear mór liopastach mío-stuama borb. "Sin é an droch-charcair." "Tá sé in aon-charcair amháin agad" = duine mór mío-stuama. "Is áidhbhéil a' charcair de bhean í, bail ó Dhia a's ó Mhuire uirre." "Bhí sé in a charcair sa mbealach orm, a's gan aon-ghoir agam a dhul thairis." "Is tú an charcair, nach bhféadfadh corruighe anonn ná anall, ach thú annsin imbéal a' tseoil." "Tá carcair de chailli(gh) annsiúd, a's chuirfeadh sí cosa beaga faoi na glasógaí le cainnt." "Sin í an charcair, agus an charcair olc." "Bhí sé chomh maith dhuit a bheith ag iarraidh feannc' a bhaint as binn shléibhe le aon-fheannc a bhaint as a' gcarcair siúd. Tá sé in aon-lota amháin." "Bhí carcair mhór de shean-fhear thiar ag a' dorus iadhta, a's é gnúsacht aniar as, in áit nach raibh sé 'faghail cead aon-amhrán a rádh. Badh é an droch-pheata é, leabharsa!" "'Bhfuil fhios agad an charcair mhór de bhean a d'fheicfeá ag dul síos teach a' phobail, ag a' dárna h-Aifreann 'chuile Dhomhnach? Sin í í." "Is furast 'aithne dhuit í: carcair mhór dhiabhalta, a's í rosach, bláth-bhuidhe as a ceann-aghaidh." "Tá sé in am aige, feasta an charcair mhór d'inghin sin aige, a chur i gcrích, ach chuile sheans, go bhfuil sé 'cínnt air aon-fhear a dheanamh amach di. Tá'n dream siúd mór ionnta(b) fhéin." "'Sé díol a' d-l aon-cheart a bhaint de'n charcair sin. Tá sé beo droch-mhúinte, a's ar bheagán spleadhchais le chuile dhuine."

(3) "Tá'n áit in a charcair le droighean."
"Tá carcair fhaithneadhacha ar a láimh" = carra nó breacadh garbh faithneadhachaí. "Cuir cubhar uisce na bhfataí ar do láimh, a's b'fhéidir go mbainfeadh sé an charcair fhaithneadhachaí sin di." "Tá carcair ghoin-adharca ar a éadan. Rud an-tógáileach iad na goin-adharca céadna." "Tá carcair mhealltrachaí ar chúl mo chinn, a's tá sé 'cínnt orm rud a' bith a fhágháil le caitheamh, a chuirfeadh ar gcúl iad." "Tá carcair mhór ghearbóg i gcloigeann a' pháiste sin. Dheamhan maith a bheith a' cur chomhairle air: scríobfa sé de do bhuidheachas iad." "Tá an-charcair chloch ann" = an áit breactha le clocha sa talamh a's gan iad i bhfad ó chéile." "Seachain a' leagfaí sa gcarcair chloch siúd thú." "Fan amach as a' gcarcair chloch sin, nó bascfa siad thú." "D'imthigh sé uaim sa gcarcair dhriseachaí atá thiar údan." "Is diabhluidhe an charcair sceach atá ann. Chuaidh sé righte liom mo bhealach a dhéanamh ann, chor a' bith." "Tá carcaireacha droighin ann, a's is maith an dicheall do dhuine, a bhealach a dhéanamh thríotha(b) chor a' bith. Casadh i dtreascairt ann mé an oidhche faoi dheire, a's níor fhága na sceacha liobar leathair ar aon-láimh liom."

(4) Árd gear no eirghe sa talamh: An Charcair i gConndae an Chláir, nó an Charcair atá in aice leis a' gCaisleán i mBaile Átha Cliath. "Is diabhluidhe an charcair é" = "árd mór." "Is mór a' charcair d'árd é." "Tá sé in a charcair in t'aghaidh" = an talamh, an bóthar etc. "Is maith géar a' charcair atá ann. Ní bheadh fios agad é, go dteightheá in aghaidh ar 'bhicycle'." "Carcair dhiabhalta d'árd é T. na gC." "Tá bóthar a' tsleibhe sin faoi árda a's faoi charcaireachaí as éadan." "Ó bhaileochas tú tigh Ph. Ch. suas, tá sé ag eirghe in a charcair in t'aghaidh. Caithfe tú an bhunáite a shiubhal aríst, go dtaga tú go dtí bóithrín Bh. an tS." "Níl aon-chapall cruthuighthe indon tonna meadhchain a thabhairt a' charcair údan, a's ná creid thuas ó aonduine go bhfuil."

Cárnadh, Cárnughadh = briathar. carnuighthe.
Cárnadh, Cárnughadh = (i) é 'cur sneachta go trom, le stolladh gaoithe go h-áithrid. (ii) plúchtaí le carsán, giorranála réama nó a leithide; ceangailte nó calcuighthe as do phíobán.

"Dhá mbeadh sé a' cur na díleann a's an sneachta a bheith dhá chárnadh adtuaidh
A's le mo ghrádh dhá bhfaghainn cead síneadh, bheidhinn chomh h-aoibhinn leis an eala ar cuan" [As "Diombuadh Ríogh na h-Aoine"].
"Tá sé a' cárnadh sneachta." "Bhí sé a' cárnadh sneachta an oidhche chéadna as lom gaoithe 'dtuaidh." "Níor léar dhuit do láimh arae bhí an t-aer plúchtaí uileag a's é 'cárnadh sneachta."
"Tá sé cárnuighthe suas ar fad" [Muigh Cuilinn, Achréidh] = ceangailte in a mhuineál. "Ní fhaca tú aon-duine ariamh atá chomh cárnuighthe leis ag a' gcársán, atá in a mhuineál" = plúchtaí suas.
"Dheamhan iongantas a' bith é sin a bheith cárnuighthe suas, a's chomh reamhar righte a's atá sé. (D)ar ndóigh níl puth dhá anáil aige, le saill." "Tá mé cárnuighthe uileag ag a' slaghdán le seachtmhain. Dhá bhféadainn na réama atá calcuighthe in mo phíobán a chuir aníos, bheidhinn ceart, ach ní fhéadaim." "Tá sé cárnuighthe uileag le giorranála. Tagann clochair ann scaithtí a's shílfeá go dtachtaidís é, 'sábhála Dia sinn!" "'San am a dtagann an uair bhreagh, 'seadh is measa a bhím. Ní bhím cárnuighthe chor a' bith ar aimsir sheacha ná ar chruadhas. Ach saothruighim é i gcomhnuidhe an tráth seo 'bhliadhain." "Ó bhuail an méid sin ghiorranála mé, bíonn mo phíobán cárnuighthe leath na gcuarta. Fuair mé buidéal ó'n dochtúr air, ach dheamhan lá maitheasa a rinne sé dhom, aindeoin gur íoc mé mo leath-ghine bhuidhe air." "Is aige atá an ghna(ithe) a' reathach ó phóilíos, fear atá chomh cárnuighthe leis. Dheamhan treasna na troighe a bheadh sé, go mbeirtí air" ['t' leathan i "mbeirtí"]. "Is beag a' dochar dhá mhuineál a bheith cárnuighthe fhéin, a's an bhís chainnte atá air, ó thosuigh an 'Election' seo. Diabhal aithne air, nach aige atá iad (: na teachtaí Dála) a chuir isteach ar fad. Tá sé árduighthe uileag!"

Carra: ainm-fhocal, baininscneach, uimhir iolraidh — carraidheachaí, carraí

Carra = (i) clochán, nó réidh-dhroichead treasna abhann nó srotha nó cuisle fairrge. [cora — Achréidh]

(ii) cairt, carcair, meall, brachlainn, bruscar, sprus

(iii) bleid; forán; aighneas; cleite comhrádha a thionnscailt nó tharraingt anuas.

"An Charra Bheag" (: réidh-dhroichead atá ann), "Carra na gCaorach", "An Charra Bhreac", "Carra idir Dhá Dhoire", "Carra Bhun na h-Abhann", etc.

[Ainmneacha carraidheachaí atá ar abhainn a' Spidéil].

"A' dtiocfa tú an charra nó timcheall." "Is diabhaltaidhe an forlach atá san abhainn, arae tá'n charra faoi uileag." "Bail ó Dhia ort! Ní bheadh aon-ghoir agad a dhul an charra a's an t-uisce atá caithte le seachtmhain aige." "Tá'n charra folcuighthe fré chéile." "Má's aithgiorra ná aithgiorra anois é, ní bealach í an charra le dhul uirre 'san oidhche." "Is géar a theastóchadh an charra sin thoir a dheasú, arae badh mhór an éascaidh-eacht do dhuine a bheadh ag dul S. í." "Is maith a chruthuigh tú a's a theacht tirm sa gcarra." "A' ndearna tú an charra tirm" = "ar tháinic tú thairti gan tú fhéin a fhliuchadh" [Tag-tar thar charra]. "Nuair a bhí sé a' teacht thar a' gcarra, 'san oidhche chonnaic sé an sprid 'san abhainn." "Chuir sé amach a rúitín a' teacht thar a' gcarra, a's dheamhan corruighe amach a rinne sé ó shoin." "Sciorr mé sa gcarra, a's crochadh mé idir chorp, chleite agus sciathán gur thuit mé indiaidh mo mhullaigh 'san abhainn. InDomhnach shíl mé go raibh mé báithte." "Ní carra atá ann ach leithscéal — cloch annseo a's cloch annsiúd. Dheamhan a' mó ná dá mbeadh duine luath láidir ann, a's é sáthach scolbánta go mb'fhéidir go dtiocfadh sé thairti tirm." "Tá caonach liath a's cairt roille-bhuidhe ar chlocha na carra, agus is maith a bheitheá ar t'áirdeall fhéin, nó sciorrfá orra(b)." "D'imthigh na cosa uaithe sa gcarra, a's rinne sí cleas a' tradhaill síos 'san abhainn. Ba gheall le madadh báithte í, nuair a rinne mé an tárrtháil." "Tá réidh-charra fhánach ann, ach is deacair thú fhéin a thabhairt

tirm uaithe, is deacair sin." "Ar tháinic sib Carra na gCaorach?" "Níl cinneadh 'bith leo(b) le faltanas, a's aicís. Meastú nar thóig siad an charra orainn an tseachtmhain seo caithte, faitchíos a' ndéanfadh sí éascaidheacht ná aithghiorra 'bith dhuinn anoir ar chuid (: talamh) C. Uí Ch. an áit a mbíodh muid a' baint fhraoigh ann." "Bhí sé oidhche ar cuairt tigh T. Ó. C., a's dheamhan asna do bhuachaillí báire an bhaile nach dteagann a's nach dtóigeann an charra air. B'éigean dó a theacht timcheall an bóthar, a's bhí sé 'na hóró (: óghró?) lae, sul a raibh sé 'sa mbaile." "Thóig na saghdóirí na carraidheachaí a's chuir siad na cochaill." "Cochallóirí a thóig na carraidheachaí sin, 'nuair a bhí an tuile mhór ann." "Ní fhéadfa tú a dhul sa gcarra, mara mbí sé 'na dhiaidh-thráigh" [Carra a tugtar 'ar na clocháin a déantar isteach go dtí oileáin ar chiumhais an chladaigh, áit nach mbeadh ach coigéal nó cuisle bheag fairrge]. "Báthadh é 'sa gcarra, i sruth lán mhara. Scuab an sruth leis é, ach dhá mbeadh aon-bhuille snámh' aige, bhí leis." "Ní theastócha aon-iomlucht uait — féadfa tú a dhul an charra — uair a' bith ó thús trágha amach, go dteighe sé ar thuileadh aríst." "Is mío-thapamhail an áit í an charra sin le theacht innte 'san oidhche. Fhobair gur bascadh mé oidhche cheana innte. Bhí an oidhche chomh dubh leis a' daol, a's gan fhios agam, cá 'gcuirfinn mo chois, ach a' sméarthacht liom."

"Tá carra gearbóg in a cheann" = "Tá a cheann ithte le gearbógaí" = "Tá ceann clamhach air" = "Tá cairt nó carcair gearbóg in a chloigeann." Tá carra nioscóideachaí ar chúl mo chinn" = mar bheadh an iomad nioscóid buailte ar a chéile. "Tá goiní-adhairce in a gcarraidheachaí ar 'chaon leiceann leis, a's sé'n 'chaoi bhfuil an bearradh a' borradh leo(b)" [Féach "borradh" agus "goin-adhairce"]. "Tháinic carra fhaithneadhachaí ar mo láimh annseo an bhliadhain cheana, a's chaith siad an tsíorruidheacht gan a dhul ar gcúl. Bhearr mé an barr díob faoi dheire le siosúr."

"Tá carra chloch istigh imbéal na bearna, a's níl sé inrásta ag tada a dhul isteach sa ngarrdha go mbailighthear iad" = sprus chloc, caithte in aon-mhangarae amháin gan puínnteáilteacht, gan cruínnteacht. "Tá carra spairtighthe ar bruach ann, nar tóigeadh as a' scaradh ariamh. Dheamhan a' fiú trompa gan teanga anois í, ná aon-mhóin eile a fhaghas an sioc in a scaradh. Ach gur mór sa mbealach í." "Tá carra chéarach calcuighthe istigh in mo chluais, hébrí cé'n t-ughdar atá leis. Caithfe mé ruainnín olla a chur innte, fé'int a nglanfadh sé í." "Caitheann sib cosamar fataí amach annsin chuile lá, a's dheamhan áird agaibh air, ach é fhágail annsin in a charra. Gheobhtaidhe rud eicínt le caitheamh a chuir ann, marach go leigeann sib amudha é." "M'anam muise go bhfuil carra de'n chonuas sin ann, má fhoghnann sé dhuit." "Tá mé thart ag fiacail atá agham a bhfuil poll innte. Dheamhan uair dhá n-ithim aon-cheo nach dteigheann carra de'n rud chruaidh isteach innte, a's nach gcrádhann sí go h-anam mé." "Tá carra shalachair ar 'chaon láimh liom, ó thosuigh mé a' scaradh an aoiligh, a's dheamhan goir agam 'na dheidh sin drannadh leo(b) ná iad a nigheachán, le teann gága." "Is diabhaltaidhe an charra síl frogannaí atá i lag-chlaise an fhóidín." "Is mise atá a' saothrú an tsaoghall ag carra mhór ghág atá ar mo láimh i mbun na méarachaí. A's feicthear dom go bhfuil trálach a' teacht orm, in aice sin."

"Chuir sé carra chainnte orm." = "Bhuail sé bleid orm." = "Chuir sé forradh cainnte orm." = "Chuir sé caidéis nó aighneas orm. "Cé 'casfaidhe liom i mbéal a' tseoil, ach S. B. Ó. T. a's bhuail sé carra chainnte orm." "Dheamhan ceapadh 'bith a bhí agam go mbeannóchadh sé fhéin, dom, a's meastú nar chuir sé carra chainnte orm. 'Sé a bhí subháilceach má b'fhíor dó fhéin." "Teanam ar cúlráid. Má fheiceann P. Ó. C. muid, cuirfe sé carra chainnte orainn, agus seo, ní fhágfamuid go tráth-nóna." "Má bhuaileann sé sin carra chainnte orainn, ar gceann fine ní chuirfe dhínn é, go mbeidh an lá caithte." "Ní bheadh aon-mhaith aige ann, go mbuailfeadh sé carra chainnte ar fhear an Achréidh

ach sílim nach an-bhuidheach a bhí sé dhó fhéin, 'san am a raibh fear an Achréidh réidh leis." "Tá carra chainnte curtha ag a' gceann céadna ar chuile dhuine." "Bailigheadh leat anois, a's do bholg bréag agad. Ní mise an chéad duine a gcuirfe tú carra chainnte air aríst" (: dubhradh ar imtheacht do'n té a chuir an charra chainnte). "Nach conórach í a dhul a' cur aighneasa mar sin ar a' séiplíneach. Ach chuirfeadh sí sin carra chainnte ar a' té nach bhfaca sí ariamh." "'Bhfuil fios agad, cé'n chéad bhall a bhí romham thoir ann — M. T. Uí D. — agus mo léan níor leis ab fhaillighe é, gan carra chainnte a chuir orm." "Chuirfeadh sé siúd carra chainnte ar thaisí, ní áirmhighim a mhalrait. 'Sé atá príbhléiseach, ach cá bhfágfadh sé é arsa tusa, cineál Ch. L." "Dheamhan tada le mo sheasamh ann a bhí mé, nuair a buaileadh bosóg ar a' slinneán orm, a's cé 'chuirfeadh carra chainnte orm ach S. S." "Tá sí sin bladarach, spleádhach, a's carra chainnte buailte aice ar chuile dhuine." "Diabhal mé gur mór a' scéal é, an duine bocht! Má bhí sé beag-mhaitheasach fhéin, dheamhan duine coideáin ná aitheantais a leig sé thart a' bóthar sin thíos ariamh, gan carra chainnte a bhualadh air, a's mara ndéanadh sé tada eile, chuirfeadh sé chuile dhuine faoi 'choimrighe Dé'." "Is mór is fiú nach bhfuil aon-chíos ar a' gcainnt, nó dheamhan mórán duine a gcuirfeadh an cneagaire sin carra chainnte air, muis. Cuirfe mé geall leat nach mórán carra chainnte a chuirfeas sé ar aonduine ag doirse tighthe ósta, lá aonaigh, má bhíonn sé ag (d)ul isteach ag ól béiréiste!" "Ba mhór a' t-ár é mac A. an R. seo thíos ag imtheacht ar fud an aonaigh indiu, a' cur carra chainnte ar chuile bhoicín, mar dhóigh dhe gur daoine muinntreacha dhó iad! Ach th'éis a bhfuil de ghairéad a's de ghaisce aige, is dona í a léine, ach an oiread liom fhéin!" "Is fada aríst go gcuire an nathuigheadóir sin aon-charra chainnte ormsa, a's a laghad sásamh, a's fuair sé anois. Dhá bhféadadh sé sin dóigh a dheanamh de dhuine, 'sé a mbeadh uaidh é, ach níl acmhúinn aige fhéin ar thada a rádh leis." "Chuir sé carra Bhéarla orm" = bheannuigh sé dhom, a's chuaidh sé 'un cainnte liom as Béarla.

Carracán — ainm-fhocal; firinscneach; iolraidh — carracáin.
Carracán = aill nó druim carraige a' freagairt aníos go maith a's a' talamh nó as cladach; clochar a mbeadh aill nó carraig ann. [Bíonn "clochar" le cothrom talmhan, ach bíonn carracán crochta a bheagán nó a mhorán. D'fhéadfá a rádh gur clochar ar chnocán é, ach tugtar carracán freisin ar réim aille a bheadh crochta ó chothrom talmhan. Tá go leor áiteacha thart faoi na cladaigh a's ar an talamh garbh a dtugtar "carracáin" orra].

"Chuaidh ar snámh thíos ag Carracán na Dúirlinge." "Chonnaic mise teach thíos annsin thíos ar Charracán Chúmair. Dheamhan fhios agam nach raibh comharthaidheacht na sean-bhallaí ann go dtí le goirid." "Nach diabhaltaidhe righte an áit ar dearnadh a' teach an chéad uair, thuas ar an gcarracán garbh siúd. Is suarach a' t-iongnadh go mbeadh faitchíos gála fhéin air, a's a laghad fasca a's tá ag a theach." "Thuas ar charracán atá imbarr a' bhaile a bhíos an teine chnámh aca(b). Dhá mbeadh gaoth ruadh na Féile Sin Seáin ann ar chaoi ar bith, dheamhan splannc a d'fhágfaidhe 'na craiceann nach bhfuadóchthaidhe soir a's siar." "Tá snáth deas feamuinne istigh thiar ag an gcarracáinín atá aníos ó Charraig Mhurrchadha." "Dheamhan cladach i gCois-Fhairrge is achrannaighe ná mar 'tá sa mbaile sin. Tá sé faoi clochair a's faoi charracáin as éadan. Ní féidir aon-chapall a thabhairt níos íochtaraighe ann ná snáth mara rabharta móir." "Níl aon-ghoir aca(b) aon-bhóthar a dheanamh annsiúd, mara 'mblastálfa' siad an carracán mór údaidh as éadan." "Nach diabhaltaidhe an ruagán toirnighe a chaith sé an bhliadhain cheana, a's go ndearna sí dhá leith druimscoiltí síos go tálamh íochtair de'n charracán sin. Tá sé le feiceál annsiúd ag feara fáil." "'Bhfuil fhios agad an moghlaer mór a bhí ar forbhás ar stuaic a' charracáin sin thiar i Leic a' Rí (: garrdha]? Thuit sí anuas le fána, a's tá sí caithte thíos sa lag fliuch siúd anois. Is maith an t-ádh a bhí orainn nach raibh aon-bhó againn ann, nó bheidís cruptha isteach faoi ghiall a' characáin ar a' bhfarradh gaoithe sin a bhí ann le dhá lá, a's dhéanfadh a' daigéad siúd cuailín cnámh díob."

Carraera, Carraeracht. (goile carraera)
Carraera = fear cairr nó cairte; fear a bhíos síorruidhe go leor in diaidh cairr, nó a bhíos a' tarraingt ualaighe i gcairt, acht a's áithrid.
Carraeracht = a bheith indiaidh cairte nó cairr; a' cinnireacht cairte; a' tarraingt ualaighe i gcairt nó i gcarr go siorruidhe, nó mar shlighe bheatha.

"D'airigh mé carraera ag (d)ul soir a' tráth sin, a's gan an chéad eádarshuth gluidhte (: glaoidhte) ag a' gcoileach" = d'airigh mé carr ualaigh (: mar bheadh carr móna ann, nó carr ualaigh. 'Sé an carr a d'airigh sé, ach 'sé fear a' chairr adeirtear go minic i gcásannaí de'n tsórt seo) ag (d)ul soir (: go Gaillimh) a's gan an coileach glaoidhte an chéad uair 'san oidhche. "Tá P. Ó. S. in a charraera ag a' dug anois." "Chuala mé go raibh na carraeraí atá ar na bóithrí a' ceasacht páighe an tseachtmhain seo (gha)bh thart, a's go raibh siad a' brath air tabhairt suas, mara bhfaghaidís árdú. Tá siad réidh leis déarfainn. 'Séard a dhéanfar na bóithrí a chaitheamh suas ar fad." "Cloisim torann cairr. Carraera atá ann, tá mé 'ceapadh" = fear a rachadh de ghnáth le móin etc. go dtí áit áithrid eicínt. "D'íosfadh sé an oiread le carraera, bail ó Dhia air!" = tá sé mór-thráthach, nó tá an-ghoile aige [is iondamhail go dteigheadh carraeraí i bhfad ó bhaile, le ualaighe nó igcoinne ualaigh, roimhe seo, a's go mbíodh a ngoile in a nglaic acu ar thoidheacht abhaile dhóibh. Sin é an t-ughdar atá le 'goile carraera'.] "InDomhnach ba mhaith an díol de charraera an oiread 'ithe leat, bail ó Dhia ort, a's dheamhan mórán dhá shlacht ort 'na dheidh sin!" "Tá goile carraera agham th'éis an méid sin saothair." "Tá goile carraera aige, a's gan tada le na choisceadh." "Gairm na gcoileach! Beannacht Dé dhuit, bhí carraeraí ag (d)ul soir, sul ar tháinic an cúpla abhaile" = bhí sé in a dheire oidhche. Carraeraí a bheadh ag dul 'na bhaile mhóir le móin nó a samhail, a's a mbeadh coisméig mhaith rómpa, corruigheann siad faoi dheire oidhche, i riocht's nach mbeadh maith an mhargaidh thart rómpa.
"Carraera móna, guail, plúir etc. é."
"Is tú an carraera againn" = duine mór-thráthach.

"'Mbíonn sé carraeracht ar an aimsir seo?" "Creidim gur chaith sé suas an charraeracht (: carraeracht mhóna) ar fad. Is maith a rinne sé sin, arae dheamhan mórán iarmhuise uirre ó thosuigh na 'lorries' seo, a' tárlú leo(b)." "Giorrócha an carraeracht leis as a dheire. Is olc é tuaradh na maidne a mhic ó, go mór-mhór ag sean-fhear dona, atá 'tarraingt ar na trí scóir." "An té atá 'plé le carraeracht 'sna bólaí seo, beidh sé amuigh moch a's deireannach." "Dheamhan cos aon-charraera a bhíodh sa mbaile an tráth sin, go mbíodh an oidhche caithte thar druim go minic. D'fhanaidís ag ól a's a' rag-airne faoi bhealach, dhá n-eirigheadh leo(b) aon-phighinn airgid a bheith ar iomchur aca(b)." "Ní mór do'n duine bhocht carraeracht a dhéanamh le snáth a coingbheál faoi'n bhfiacail."

Catóg = ainm-fhocal; baininscneach; iolraidh "catógaí".
[Níl an focal seo le fairrge, ach tá sé coitcheannta go leor i Muig Cuilinn a's in Iar Chonnacht].
Catóg = droighean beag catach. D'fheicfeá taltaí as éadan fútha in áiteacha. Níl siad chomh coiligneach leis an ngnáth-dhroighean.

"Scar na h-éadaigh amuigh ar na catógaí." "Ach a mbeidh na h-éadaighe sruthlaighthe agad, scarfa tú ar na catógaí iad, a's beidh réidh-thriomach maith orra(b) trathnóna." "Is diabhluidhe an stolladh atá ann indiu. Dá gcuirteá na bráithlíní ar na catógaí ar maidin, i leaba iad a chur ar tuar, bheidís tirm agad trathnóna." "Is mairg dhuit nach ar na catógaí a chuir tú an tuar éadaigh sin ar maidin." "Dheamhan tuinnte de'n éadach orm, nach bhfuil stróicthe stiallta ag na catógaí sin ag (d)ul ingreamudhas ann" "Cnathannaí! Isteach annsiúd faoi'n Taobh Mín atá a dtabhairt amach. Nach bhfuil sé faoi rosáin a's faoi chatogaí as éadan a chéile." "Aindeoin go bhfuil fairsingeacht aige, dheamhan de rath le cuid mhaith de'n talamh. Gurráin a's catógaí é fré chéile." "Beidh stócáil le déanamh agad imbliadhna, a's na catógaí sin ar fad a bhaint. Is meathta an obair a dhul a' cur talamh de'n tsórt sin." "Catógaí is mo atá ann, ach tá neart scoilb a's coll ann chomh maith céadna." "Tá catógaí ann, mar adeir fear a' Taobh Mín lena catógaí." "Tá pláigh choiníní ins na crícheannaí, agus is na catógaí sin siar. Tá a shliocht orra(b)! Dheamhan ceo geamhair agam de bhláth bliadhna nach bhfuil crinnte aca(b)!" "Tabhair isteach mo léine de'n chatóig, nó beidh sí báithte aríst, má ghníonn sé báisteach." "Tá siad réabtha amach uileag agam as anois, cé's moite d'aon-chatóig amháin atá thoir le claidhe, ach is deacair le na catógaí céadna a dhul ar gcúl."
"Ghortuigh sé a láimh indiu ag iarraidh catóg a bhaint." "Bhí an réimse sin fré chéile lom-lán le catógaí roimhe seo. Ó fuair sé an gabhaltas, thug sé 'un míneadais é, ach inDomhnach is fada uaidh 'bheith cineálta fós."

Céadtach: aidiacht, ainm-fhocal dílis.

Céadtach: (ainm-fhocal dílis) = duine a tháinig ar a' bhFéinn, a's a rinne tárrtháil ar a' bhFéinn as an iomad tromfhásc. Tá 'dhó nó trí de shean-scéalta faoi — "Céadtach Mhac Fhínn, Rí Éireann", "Céadtach Mac Rí na gCor", etc. ag sean-anndúirí fós.

Céadtach: (aidiacht) = áidhbhéil; gártha; 'san an-mhéid; líonmhar; diabhalta; uathbhásach; dalba; dearg-; dubh-; an-; oll-;

"Tá sé chomh maith le Céadtach" = duine a mbeadh an-ghaisce ann.

"Ní mó ná dhá mbeadh Céadtach ar a' saoghal anois, go mbeadh sé indon deasú leis siúd. Tá sé dubh-láidir." "Má tá sé beo, tá féith ó Chéadtach ann. Marach go bhfuil, ní bheadh aon-ghoir aige gaisce de'n tsórt sin a dhéanamh." "Dhá mbeitheá in t'fhear chomh maith le Céadtach Mhac Fhinn, ní chorrochthá an chloch údaidh."

"Tá'n codladh céadtach air, marar dhúisigh sé fós, a's é 'na luighe ó thuit oidhche aréir." "Bhuail a' codladh céadtach mé, a's dhá mbeadh mo chailleadh go deo leis, chinnfeadh sé orm fanacht in mo dhúiseacht." "Chaithfeadh sé gur tugadh deoch shuain dó, a's an codladh céadtach seo a bheith air. Cá'ide 'na chodladh anois é?" "Sin é 'raibh an codladh céadtach air, marar dhúisigh sé in 'imtheacht trí chéad bliadhain." "Ar chuala tú faoi'n mbráthair údan ar tháinic a' codladh céadtach air, a's é ag éisteacht leis an éinín ar a' gcraoibh taobh amuigh dhá fhuinneoig?"

"Sé'n Colg Céadtach a thagadh ar Chúchulainn. Níor mhaith de dhuine a bheith míoladóireacht in a thimcheall, cheapfainn, nuair a bhuaileadh an reacht sin é" [de réir na sean-scéal, thagadh "riastradh" ar Chuchulainn. "Colg céadtach" a thugas na sean-anndúirí air]. "B'fhearr duit gan mé a spreogadh anois, a mhic ó. Tagann a' colg céadtach orm."

"Níor mhaith dhuit a bheith in aon-pharáiste leis siúd, 'san am a mbuaileann a' t-olc céadtach ceart é" "Is olc an éadáil é siúd, má spadharann sé. Tagann a' t-olc céadtach air. Chonnaic mé annseo imbliadhna é a's cubhar le na bhéal, le teann coipthe, a's droch-mhúineadh."

"Má chuireann tú 'guano' air, in aice na feamuinne, beidh

an toradh-chéadtach agad air" = barr thar cionn. "InDomhnach bhí barr maith air mar bhí sé, ach dá dteigheadh leasú mar is ceart air, bheadh a' toradh-chéadtach air." "Is maith an dóigh fataí í sin' adeir N. leis an Dumhaichín. 'Dhá bhfágtaí cupla bliadhain bán í, as fasair mhaith feamuinn' builgínighe a's 'special' (: cineál leasú siopa) a chur annsin uirthe, a's cur tús earraigh, dar mo choinsias a's bheadh an toradh chéadtach uirre. Dar sliabh bheadh'." "Ara d-l áluinn nach air a bheidheas an toradh céadtach (: talamh na Midhe). Ní bheidh aon-chruadhóg do daoine a bheith dhá gcur fhéin síos sa talamh, dhá leasú sin." "Bhí an sluagh céadtach ann" = mathshluagh mór daoine; an saoghal bruighineach; "lán na h-Éireann", an t-uathbhás daoine. "Tá'n sluagh céadtach imthighthe soir, má's chuig an 'show' a chuaidh siad uileag, nó nach h-eadh." "Bhí an sluagh céadtach ag a' mbáire indiu. Ní raibh duine ó liath go leanbh sa gC. G. nach h-ann a bhí." "Tá'n sluagh céadtach cruínn ann." "Tá na h-iarranntaí céadtacha aige, nuair a theighea(nn)s sé ar bhualadh" = tugann sé an-iarranntaí amach a's amach uaidh, tráth 'mbíonn sé a' bualadh. "Má tharraingim í (: dorn) tiubhra mé an buille céadtach duit." "Thiocfainn ag ól as línn mhúnlaigh an tráth céadna arae bhí an tart céadtach orm. D'fhal(mh)uigh mé an ceaintín d'aon-iarraidh amháin." "D'ólfainn a' chloch íochtair anois: tá'n tart céadtach orm." "Bhuail a' t-ocras céadtach mé — sliabh gortach nó rud eicínt — ar Árd Bh. an T. M., a's shíl mé dheamhan a' baile a d'fheic-finn go bráth. Marach leisce é 'dhúiseacht, ghabhfainn isteach go dtí P. Ph. go bhfaghainn roisín bidh a dhúinfeadh mo ghoile go dteagainn abhaile." "Níor mhiste liom anois dhá mbadh greidill chruaiche a leaghfaí i m'fhiadhnuis, ach cuirfe mé caitheamh ionnta(b). Tá'n goile céadtach agham." "Bhí an toirneach chéadtach ann, a's bhainfeá deilgne amach le 'chaon scail. A's má badh eadh fhéin, dheamhan a dhath stánadh a rinne mo dhuine. Shílfeá gurb é an chaoi a raibh an toirneach a' borradh leis." "Tá'n dúil chéadtach aige 'san ól."

Ceal = (i) ainm-fhocal. (ii) mion-fhocal ceiste.

Ceal = (i) (a) uireasbha, easba, call, cruadhóg, anshógh, amhgar, riachtanas. (b) bain adhmad nó abhras a' bith a thogróchas tú as; déan do rogha rud in a thimcheall; glac go réidhchúiseach nó ar a mhalrait é.

(ii) = ceadh; cé; ní féidir! an h-amhla nar …

"'Cheal fhios, cheal stuaim'": an t-ughdar nach ndearna duine rud eicínt nó gur dhubhairt sé rud eicínt etc. "Seo é arís é — cheal fhios, cheal stuaim." "D'eile céard adéarfadh an bobarún — cheal fios, cheal stuaim." "Ní bheadh súil le na mhaltraid agad ó'n amhus bradach — cheal fios, cheal stuaim." "Is suarach a' t-iongnadh é sin a bheith in éadan a' tsagairt — cheal fios, cheal stuaim." "Cheal fios, cheal stuaim — sin é an fáth a ndeárna sé é." "B'iongantas é, mara dtugadh sé sin aisfhreagra ar dhuine — cheal fios, cheal stuaim." "Ní cheal cainnte ata air" = "tá neart cainnte aige; bíonn ruibh na cainnte air." "Má tá cheal air, ní cheal cainnte é ar chuma 'r bith." = 'tá neart cainnte aige, bíodh uireasbha 'bith eile air nó na bíodh. "Dheamhan cheal airgid atá air!" = "dheamhan a bhfuil de cheal airgid air." "Ní cheal uilc atá air, deirimse leat!" = "má tá cheal ar bith air, ní cheal droch-mhúineadh é." "Is beag nar préachadh muid istigh ar a' teallach 'cheal aon-fhód móna a bheith sa teach." "Caillfidhear thú cheal damh(n)saí." "Níl cheal feola 'bith anois orrai(bh). Nach feoil atá le caitheamh amach ag na daoine ar a' saoghal seo!" "M'anam nach cheal aicíse atá sí sin!" = tá'n faltanas in a croidhe. "Caithfe tú déanamh scathamh eile, muis, cheal éadaigh, arae níl an oiread slighe aghainne a's a choinneochadh greim in ar mbéal, ní áirmhighim a dhul a' ceannacht fuireann nuadh dhuitse arís ar a' toirt." "Dheamhan déanamh 'bith 'cheal óil aige, pé'r bith cé'n catmara ná léan a bhuail é chor ar bith fharras aonduine." "Níl deanamh 'bith cheal tobac agam fhéin. InDomhnach ní fhéadfainn uair a' chluig d'uireasbha gail thobac." "Ní bhíonn déanamh bith 'cheal poitín aige, ó eireochas a' bhlas leis chor a' bith. Tá sé chomh dúlaidhe ann, a's go gcuirfeadh sé an léine a bheadh ar a chraiceann ingeall le na luach a dheanamh amach." "Nach mór a' smál atá air, mara bhfuil aon-déanamh fhairis

aige cheal óil." "Níl eirghe 'mo sheasamh ionnam cheal greim le n-ithe. Tá mé ar céalacan ó mhaidin." "Dheamhan coisméig 'bith aige, cheal amhairc. Ní fhaca tú aon-duine ariamh nach mbeadh spré eicínt in a shúile ach é, ní dhá roinnt leis é!" "Baoghal ormsa a bheith indon a' chnáimh sin a crinneadh, cheal fiacla. Mo dhóthain mhór a thugann sé le deanamh dhom aon-cheart a bhaint de'n tsaill fhéin." "Ó, ní cheal cabaireachta atá ort! Is mór is fiú dhuit nach bhfuil aon-chíos ar a' gcainnt, nó bhánócha t'athair!" [putach a bhíodh a' síorádh i gcomhnuidhe]. "Ní ghlacfaidhe é, cheal foghluime. InDomhnach, shíl mé gur chaith sé siúd i bhfad a' dul chuig an scoil!" "Mara bhfuil aon-ghníomh ann muis, ní cheal gaisce a's floscaí é." "Dar fiadh mara bhfuil airgead aige, ní cheal sainnte é. Tá a dhá cheann sa talamh i gcomhnuidhe aige, an t-anntlachán." "Mara bhfuair siad poitín ní cheal a shaothruighthe é. Dheamhan teach a d'fhága siad 'sa dá Bh. nár shiubhal siad" = chaith siad dúthracht a' tóruigheacht an phoitín. "Mara bhfuil bean aige muis, ní cheal a shaothruighthe é. Tá'n tír tóruighthe aige, ag iarraidh mná." "Mara bhfuil bráigill a's bruighshléacht air, ní cheal a shaothruighthe é. Ach níl tada ag eirghe leis a' duine bocht. Tá'n díleághadh ar a chuid." "Mara bhfuil feamuinn dearg aige ní cheal a shaothruighthe é, arae dheamhan lá beo, nach gcaitheann sé stráisiún thíos ar bharr na curraighe." "Ní cheal a shaothruighthe atá ort-sa, a dhuine bhoicht, mara bhfagha tú braon óil. Shílfeá nach leigfeadh an náire dhuit a bheith ag imtheacht a' súdaireacht a's a' sclaibéaracht mar tá tú. Tá do cháil faoi'n tír." "Mara bhfagha sí na flaithis, ní cheal a shaothruighthe é, ar chaoi ar bith. Tá casán dearg déanta chuig a' seipéal aice, chuile mhionnóid sa ló." "Mara bhféada sé achrann a tharraingt, ní cheal a shaothruighthe é. Dheamhan iabh a tháinic ar a bhéal i gcaitheamh na h-oidhche, ach ag iarraidh an cúpla seo thíos, a shaghdadh. Ach 'níor eirigh an t-ól i stuaic na mbacach' fós." "Dhéanfadh sé é, dá bhféadadh sé é. Ní cheal fonn atá air ach cheal misnigh." "Tá'n faltanas sa mbitheamhnach ceart go leor. Ní cheal droch-mhúineadh ná droch-éisc atá air, ach cheal spreactha a's neirt."

"Cheal conganta atá orm, a's ní leisce." "Cheal tuiscint atá air, go ndéanann sé rudaí de'n tsórt sin." = easba tuisciona atá air etc. "Cheal tuisciona a rinne dhó é." = marach easba tuisciona, ní dhéanfadh sé é. "Marach cheal tuiscint a bheith ort, bheadh luighe eicínt agad leis a' scoil." "(Dh)ar ndóigh, chuaidh sé ann, cheal aon-splannc chéille a bheith aige." "'Sé'n té atá cheal oibre, is mó cás leo(b): Ar aon-chor 'sé is mó scéal, má bhíonn aon-saothrú ag imtheacht." "Cheal cleachta atá dhá dheanamh sin dhuit. Dheamhan a dhath stró a bheidheas ort, ach a mbeidh tú déanta ar an obair" = ach a dtaga tú igcleachtadh na h-oibre, ní bheidh mairg a' bith ort. "Nach hé an feall an méid sin mílte a fhágáil aige, a's a bhfuil cheal airgid." "Is duine dona a bheadh cheal teine a's a' méid coille atá 'tuitim in a críonach annsin thuas." "Is mairg a bheadh cheal beatha!" "Nach thú atá thart cheal páipéir nuaidheacht'!" = nach mór atá sé a' goilleamhaint ort gan páipéir nuaidheacht' a bheith agad!" "Tá tú thart anois, cheal duine eicínt a mbeitheá a' spochadh leis, a's a' séideadh faoi!" "Tá sé in a chír-thuaithbhill cheal céile mná, a coinneochadh caoi air!" "Cheal móna! Dhá mbeadh cheal plúir ort mar tá orainne!" " Ní dhéanfa tú aon-dul ar aghaidh leis, cheal deis. Breagh nach gcuireann tú fios ar uirnis síos tigh J.?" "Níl a sheasamh agam, cheal bidh. Is gearr go dtuite mé imbun mo chos." "Tá tú cheal 'bicycle' muis, mara bhfuil aghad ach a' sean-rud sin." "Beidh tú cheal tuigheadóra muis, má's in a chleitheamhnas siúd atá tú" = níl aon-mhaith in a thuigheadóir leis. "Tá tú cheal éadaigh, muis, má tá tú taobh le na briocáin sin ort." "Beidh sé cheal teine muis, má's siúd é 'bhfuil de mhóin aige." "Déanfa tú cheal tae indiu muis, mara réidhtighe tú fhéin é." "Tá sé 'cheal mná muis, má phósann sé an ágóidín siúd. Shéidfeá de do bhois í." "Is le bheith cheal leasuighthe do dhuine a bheith faire ar a' gcladach sin. Dheamhan sop feamuinne a tháinic isteach ó lá Samhna seo (gha)bh thart." "Is mór a' cheal bainseachaí atá ort!" = nach mór a theastuigheas bainseachaí uait!" "Is mór a' cheal 'bicycle' atá ort! Bíodh fhios agad gur h-iomdha rud is mó a theastuighea(nn)s annseo, ná 'bicycle' nach bhfuil ann."

"Níl aon-cheal airgid air" = "Ní cheal airgid atá air." "Níl ceal a' bith air" = níl tada a' teastáil uaidh; tá chuile rud aige dhá dteastuigheann uaidh; níl mairg a' bith air; níl ughdar clamhsáin ná casaoide aige, arae níl easba ná uireasbha air. "Dheamhan ceal a' bith ar a' mbuachaill sin" = "níl ceal ná call air" = "níl ceal ná uireasbha air." "Dhá mbeadh aon-cheal air sin, sé nach mbeadh i bhfad dhá fhuasaoid." "Níl aon-cheal tobac orm, go raibh maith aghadsa as ucht." "'Bhfuil cheal toitíní ort?" "Má tá ceal orm, ní cheal móna é ar chaoi ar bith. InDomhnach chuirfeadh a' portach atá annsiúd thuas agham móin go barr-bachall" "Sin é an buachaill céadna nach mbeidh aon-cheal air nó's cinneamhaint air é. Má bhíonn a' rud le faghail ar uain ná ar éigin, le bladar ná le bréaga, beidh sé aige sin." "An airigheann tú cheal a' bith ort fhéin, a scolóig?" = 'bhfuil uireasbha tada ort a dhuine sin?" "Má airighim aon-cheal orm fhéin, cuirfe mé scéal chugad, a's déanfa tú tárrtháil." "Cén cheal atá anois ort?" "Is beag a' cheal a bheidheas ar a' gcuaille sin feicfe tú fhéin air!" "Má bhíonn aon-cheal uirre sin, feicfe tú fhéin air nach fada bheidheas, má ghníonn gob spleádhach, spleodarach di é" = leis a' teanga spleodraigh, spleadhaigh atá aice, mheallfadh sí uait rud a' bith a theastóchadh uaithe. "InDomhnach níl cheal a' bith orm fós, má's fada gearr go mbeidh." "Tá chuile shórt ar fheabhas aige — díol rí má thogruigheann sé. Níl de cheal air, ach ceal goile le caitheamh a chuir ann, a's cé measa beirthe é, arsa tusa." "Ní airighim pian ná tinneas. 'Sé 'bhfuil orm, cheal gan aon-mhisneach a bheith agam, corruighe isteach ná amach." "Bheinnse ag an aifreann 'mo shean-rith marach cheal gan aon-tsnáth agham le dhul as comhair na ndaoine." "Is beag a' baoghal a bheadh ormsa na gnaithí sin a chur ar a' méir is fuide, marach cheal gan aon-deis iomchuir agam le dhul chomh fada le S. Sh. Ph., agus is mór liom a dhul dhá shiubhal." "Is fadó an lá a chuirfinn tosaigh ar na bróga sin, marach cheal gan fad méire de cheap agam, le tada a dheanamh."

"Sin é a rinne mé anois, a's déan do rogha ceal di, má thogruigheann tú" = fagh do rogha locht air; déan do rogha rud 'na timcheall; bain do rogha abhrais, nó adhmaid as a' méid sin, thú fhéin. "Níor thug sé dhomsa ach an méid sin de leide, a's déan do rogha ceal di thú fhéin. Ní fhéadaimse mórán abhrais a bhaint as a' scéal ar aon-chor." = bain thusa do rogha abhrais as. "An méid millteanais a rinneadh ann, is mise a rinne é, a's déan do rogha ceal di anois." "Hubhradh (: dubhradh) liomsa an méid sin a rádh, a's tá mé dhá innseacht duit anois, gan cor an fhocail a chuir air, ach léar (: de réir) mar chuala mé fhéin é, a's déan thú fhéin do rogha ceal di. Níl fhios aghamsa, cé'n súisín é." "Déarfa mise suas leis a' smut aige, gurab é fhéin is cionntaighe ó thús deire go thosuigh, a's deanadh sé a rogha ceal di má's breagh leis." "Chaithfinn an chainnt cheanann chéadna leis a' sagart, dhá gcuireadh sé aon-chaidéis orm faoi, a's cead aige a rogha ceal a dhéanamh di, má thogair sé é. Dheamhan stánadh a bheadh agamsa ó'n sagart ach an oiread le duine 'bith eile." "Má tá indán's go gcoinneochthar an scéal seaduighthe i bhfad eile, tiocfa mise siar de mo shiubhal ionnsuighe, a's innseocha mé suas dhá béal gurab é a mac fhéin a thárluigh leis na fataí, le airgead 'fags' a fhaghail. Déanadh sí a rogha ceal di sin má thogruigheann sí." "Ní thiocfa mé anonn ná anall leis, ach déarfa mé suas leis a' bpus aige. Cé'n bheann atá agham ar aonduine faoi'n bhfírinne. Déanadh sé a rogha ceal di, ach 's gearr go gcloise sé uaimse é, ar nús (: nós) a' bith." "Ó tá sí ag dul sa gceann sin leis, ní chomhnócha mise, go seasa mé thíos ar a h-urlár, a's go n-innsighe mé dhi, cé h-iad brothtuinn bradach na h-eitinne, a's déanad sí a rogha ceal di. Ní fhéadfa sí goirm chúirte a chuir orm ar aon-nós, faoi'n fhírinne." "Déan do rogha ceal di, má thogruigheann tú. Céard tá sa méid adubhairt mé leat ach cnáimh creinnte na fírinne."

M.: níor dhubhairt sé liom a theacht níos mó.

P.: Cheal nar dhubhairt! = "Cheadh nar dhubhairt! = "ciodh nar dhubhairt!"

= "Cheal nar dhubhairt!" = "an h-amhla nár dhubhairt" = "ní féidir nar

dhubhairt" = "tá baol!" = cheadh nar dubhairt

"Ceal nar imthigh sé fós!" "Ceadh nar chuala tú an méid sin!"

"Ceadh nar tháinig sé fós, an roighineadóir bradach!"

"Cheal nach dtáinic scéal ná scuan uaidh ó d'imthigh sé go deireanna{ch}

"Ceadh nach dteigheann sé ag an Aifreann beag ná mór!"

Canndáil candáluidhe, candálaim = ainm-fhocal, baininscneach.
Canndáil = (i) rud, teach, talamh etc. a dhíol go puiblidhe ar a' bpighinn is aoirde a tairgeochthaidhe air. (ii) imtheacht, fuadach, glaodhach éiliughadh, sainnt i rud. Candáluidhe = fear candála.
Briathar as (i) canndáladh, candáiltear, candáilte etc.

"Cuireadh an áit ar canndáil." "As candáil a bhí thíos ag an T. M. a cheannuigh sí an ball sin." "Mara bhfuil sé indon a chuid fiacha 'íoc, cuirfidhear a chuid talmhana ar candáil." "Ní raibh tú ag a' gcanndáil?" "Sin é an phighinn is aoirde a tairgigheadh air ag an gcanndáil." "Bhí an canndáluidhe a' fuagairt chomh h-árd a's bhí in a cheann." "Chuir S. Ph. an talamh sin céad go leith punt ag a' gcanndáil, ach chuir J. Th. deich bpunt as a chíonn é, agus 'sé fuair é."
"Canndáladh an teach 's a' talamh as a dheire." "Tá'n teach mór sin le canndáil go goirid, ach deir siad nach dtóigfe aon-duine é, arae go bhfuil sé báidhte i bhfiacha." "Mara bhfagha sé cead suidhte ar a' teach, tá sé le na channdáil" = mara bhfagha sé cead é 'leigean amach ar cíos le daoine, canndálfa sé é." "Tá móin le candáil agam" = tá greadadh móna agam; tuille mhór, a's riar mo cháis fhéin. "Thosuigh sé a' toghaint raithnighe orm, a's gur raithneach atá le candáil agam fhéin." "Ara abair leis, nach bhfuil gna(ithe) ar bith againne dhá chuid turnapaí. Nach turnapaí atá le canndáil againn fhéin!"

(ii) "Tá canndáil ar fheamuinn dearg ar a' saoghal seo" = tá fuadach uirre; tá faire uirre; tá go leor dhá h-iarraidh.
"Seo é an saoghal a bhfuil a' channdáil ar a bpoitín, dheamhan deor a shroichfeadh duit, mara mbeadh sé i bhfocal agad mí roimh-an am." "Beidh canndáil ar shíol planndaí imbliadhna arae dheamhan gráinne dhi sa tír." "Dheamhan a raibh ag na h-iascairí ach cuid a' bheagáin, ach bhí canndáil ar a' méid sin fhéin. "Sí'n eorna nuadh breac úr a fheiceál ar a' saoghal seo." "A dhearbhráthair mo chroidhe thú, tá canndáil ar a chuid scéalta anois. Dheamhan lá 'san aer, nach dtagann duine eicínt de lucht na Gaedhilge sin thiar chuige a' piocadh as. Tá sé 'na ridire aca(b) le tobac a's airgead."

Ceartú, ceartuighthe, ceartuigheadh etc. = briathar, ainm-fhocal amanntaí
Ceartú = an t-aon chiall amháin atá leis inGaillimh, scéal nó ceist nó
rud a mhíniú nó a chur i dtuiscint do dhuine eile; bun ughdar,
fios fátha scéil a's chuile shórt in a thimcheall a chur idtuiscint do dhuine
eile. Dhá dtrian de'n "cheartú" go minic na goithtí.

"Déan an scéal a cheartú dhó." "Chaith sé an lá a' ceartú dhom thíos
ar a' mboithrín. Is aige atá ughdar chuile shórt. Ach is beag a' dochar
dhó, a's gur a' léigheamh a chaithea(nn)s sé a shaoghal." "Breagh nar
fhan tú go gceartuighead sé an scéal duit." "Rinne sé clogán
streille de'n oidhche a' ceartú dhom, faoi'n 'dole' a's faoi Debhelera
a's faoi na 'Blue Shirts'. 'Sé atá indon an chaoi a chuir ar a' saoghal."
"Is maith uaidh Mh. Ph. S. Mh. an clár mín a chur ar chuile shórt. Dheamhan
a leithide a chonnaic tú ariamh a' ceartú scéil. Bheadh ciall in a
leithide!" "Baineann sé an lá as 'chuile shórt, a's dheamhan
ceartú a bhío(nn)s aige ar aon-scéal 'na dheidh sin. Tharraingeochad
sé anuas míle scéal agad in éindigh, a's dheamhan adhmad a
bheitheá indon a bhaint as aon-cheann aca(b)."
"Tá mé siún siunncaighthe aige ó mhaidin, a' ceartú dhom, faoi
'scholarships', a's faoi na bheirt inghean atá imthighthe chuig coláiste.
Dheamhan aithne air a raibh aon-duine ariamh i gcoláiste cheana, ach a
bheirt inghean fhéin." "Ní fhéadfadh sé rud a' bith a cheartú duit — go
fiú's an rud is fánaighe beo — gan na goithtí sin. Goithtí ar
fad é." "Dhá ndéantaí an scéal a cheartú a's a chur ingéill (:
igcéill?) dó, chaithfeadh sé áirde 'thabhairt air." "Mara
bhfuil tú indon é 'cheartú dom, d'uireasbha a bheith do mo dhornáil,
fág mar sin. Ní éadáil mhór dhomsa mo chnámha a bheith leonta
de bharr do chuid ceartú-sa." "Is fhearr uaidh scéal a
cheartú dhuit ná ó mháighistir scoile. 'Sé atá indon an tslis
mhín a chuir ar a' gcaint. Ach cá bhfágfadh sé é." "Chaith sé
an oidhche ar a' gceartú sin." "Bíodh foighid aghad a dhuine
sin, go gceartuighthear an scéal duit! Cé'n áirge dhuit
anbháthadh a thoidheacht mar sin ort." "Imthigheamuid sul a dteaga sé
nó ní thiocfa iabh air ar feadh an lae, ach a' ceartú, a's
a' cíbleadh cainnte."

Ceas: ainm-fhocal, firinscneach: tuiseal gein. aonda: ceas.
aidiacht as ceasamhail.
Ceas = marbhthántacht, truimeacht, tinneas, nó trom-
chroidheachas ó an iomarca a ithe; glonn no col ó ghleorach mhór
bhídh a chaitheamh.

"Tá ceas orm le na bhfuil ithte agam." "Chuir sé ceas air
fhéin le'r ith sé." "Nar chomhnuighe tú go gcuire tú ceas
ort fhéin." "Tá ceas orm, de bharr ronnachaí úra."
"Bhí sé nuaidhe ag a' gceathile, a's d'ith sé an oiread
dhe, a's gur chuir sé ceas air fhéin leis." "Chuir na
fataí nuadha ceas orm." "D'th mé an-fhoracún
eisc indiu. Tá ceas orm aige." "Chuir an bhó ceas
uirre fhéin le na fataí. Tá sí an-righte anois."
"'Cheannuigh mé cupla ronnach do Sh', adeir sí 'tá ceas
aige air fhéin leis a' bhfeoil, a's tá sé gránuighthe
uirre. Ní mór dhó malrait bídh a fhaghail'. Shanntuigh
mé fhéin a rádh léithe, go mbadh gearr ó ba mhaith leis
aige na ronnachaí fhéin, ach scaoil mé tharm é. Bhí sé chomh
maith dhom" "Chuir sé ceas air fhéin, le muicfheoil a's gabáiste.
Ba gheall le mála arbhair é, sa gclúid." "Má fhaghann sé
aon-leigean ar an ollamhaitheasa, cuirfe sé ceas air fhéin
léithe." "Bhí sé chomh súighte ag a' bhfeoil, a's nar eirigh
sé aisti, gur chuir sé ceas air fhéin léithe." "Fuair mise
daba mairtfheola an tseachtmhain seo caithte, a's bhí sí
a' fínniú. Níor chaith mé amach fós í fhé'int a dtiocfadh
aon-cheannuidhe thart, go gcuirinn ceas air léithe."
"Bhí sé chomh dúlaidhe 'san iasc úr, a's gur chuir sé ceas
air fhéin leis. Thosuigh sé a' brúchtaoighil in a dhiaidh. Uair
annamh, tá mé 'ceapadh a eirighea(nn)s aon-bhreac
úr le lucht a' tsléibhe sin." "Tá sé chomh tórthamhail
ar na fataí, a's go gcuireann sé ceas air fhéin
leo(b), uair a' bith a bhfaghann sé aon-leigean
orra(b), le n-ithe. Níl sé in ainm's iad ithe chor
a' bith, arae ní thagann siad leis, ach itheann sé
ingan-fhios iad 'na dheidh sin." "Nach thú a chuir a' ceas

ort fhéin leo(b)!" "Tá sé mór-thráthach, a's níl aon uair, dá dteigheann sé ag ithe, nach gcuireann sé ceas air fhéin, leis a' ngliúrach (: ngleorach) a leaga(nn)s sé isteach." "Níorbh iongnadh a' bith é 'cur ceasa air fhéin, a's an fhad's chaith sé 'na throscadh." "Tá cullach goile orm leis an ocras. Má fhaghaim fataí in áit a' bith, beidh mé dhá n-ithe, go gcuire mé ceas orm fhéin." "Shílfeá go dtiocfá le do dhíol (: a ithe), a's gan craos mar sin a dhéanamh, a's gan ceas a chuir ort fhéin len' íosfá." "'Chuile uair, dá dteighe sé ag ithe, déanann sé craos. Ní bhíonn aon-mhaith aige ann, mara gcuire sé ceas air fhéin." "Má d'eirigh an oiread sin éisc indiu leis, cuirfe sé ceas air fhéin, le blatháin anocht." "Dhéanfadh dhá thráth sa ló é, ach cuireann sé ceas air fhéin, 'chuile uair dhá dteigheann sé ag ithe. D'íosfad sé an oiread ar thráth, a's d'íosfadh duine eile ar feadh dhá lá." "Chloisinn m'athair a' rádh nach n-itheadh T. Ch. a bhí annsin thiar, ach dhá cheann de ló, ach nach n-eirigheadh sé ó'n gciseoig nó'n ó'n mbord, go mbíodh dhá phíopa tobac caithte ag chuile dhuine eile. Sin é an buachaill a chuireadh an ceas air fhéin!" "Nar agruighe Dia ort é, ceas mar sin a chuir ort fhéin." "Dhá mbeadh sé taobh le bheith 'na cheas aige, ach ní raibh. Bhuail múisc é freisin, nó gur chuir sé amach ar ith sé, aríst ar ais." "D'agróchadh Dia ar dhuine é, 'chuirfeadh ceas air fhéin mar sin, le n'íosfadh sé." "Níor chodail mé aon-néal go raibh an oidhche caithte thar druim, le brúchtaoighil, in áit ar chuir mé ceas orm fhéin, le ronnachaí tirme, ag dul a chodladh dhom." "Bíonn duine chomh dúlaidhe ann, a's go gcuirfeadh sé ceas air fhéin gan aireachtáil leis. Is amhla a bhío(nn)s biadh nuaidhe a' bith."

Ceasamhail: aidiacht = colamhail; oilteamhail; gan a bheith saillte ceart; láidir trom-chroidhteach; a chuirfeadh ceas ort.

"Feoil cheasamhail í an mhairt-fheoil sin" = láidir, oilteamhail nó gan a bheith saillte ceart. "Is beag dhe a d'fhéadfá 'ithe 'na dheidh sin. Tá sí an-cheasamhail." "Bheadh ciall mairt-fheoil ach 'mairtfheoil a' dole' seo, tá sí chomh ceasamhail a's gurab é cloch-neart duine drannadh léithe." "Feoil an-cheasamhail í an mhuicfheoil bhán sin. Tá col agam fhéin léithe. Mara bhfaghainn ruainne dubh, ní bhacfainn chor a' bith léithe." "Bíonn an fheoil a bhíos ar na buláin ramhruighthe sin, ro-cheasamhail. Ach creidim gur beag a' locht 'fhagha(nn)s na Sasanaigh uirre, 'na dheidh sin." "Beidh feoil an-cheasamhail ar sin, arae tá go leor saille air. Ní thaithneochadh sé liom le marbhú, ach bíodh do chomhairle fhéin aghad." "Dhá n-ithinn aon-ghreim dhi sin, chuirfeadh sí múisc orm. Tá sí ro-cheasamhail." "Tá sé an-éiseallach. Ní bhlaisfeadh sé de ghreim a' bith feola a mbeadh baladh a' bith uirre. Ach ní móide go dtagann an fheoil cheasamhail sin leis. Is iomdha duine nach dtagann." "Feicthear dhom th'éis gurb í sin feoil na h-Éireann (: muicfheoil na h-Éireann) go bhfuil sí an-cheasamhail. Tá mé a' glacadh col' léithe ar fad." "Má's ceasamhail ná ceasamhail anois í, ith suas í, arae níl malrait le faghail agad." "Sin biadh ceasamhail. B'fhearr liom biadh nach mbeadh chomh h-oilteamhail sin." "Sé'n tanálach bradach é. Tá sé chomh h-éiseallach a's nach féidir a bhéilídhe a leagan chuige. Bíonn locht aige ar a' bhfeoil go mbíonn sé ro-ceasamhail, a's an t-arán go mbíonn an iomarca 'soda' ann. B'fhearr dhuit beo idtalamh ná a' freastal air."

Céileog: ainm-fhocal, baininscneach: uimhir iolraidh céileogaí
Aidiacht as: céileogach, nó baintear leas as "céileog" fhéin
mar aidiacht amanntaí.
Céileog: bó (bíonn corr-chapall amhla freisin) liath ar dhath
asail bháin; bó a mbeadh dath an asail uirre.

"'Bhfuil an chéileog aige fós?" "Ní bó bhuidhe a cheannuigh
sé ach céileog." "Níl na céileogaí chomh fairsing sa tír
a's bhídís roimhe seo. 'Chaon darna bó a d'fheicfeá fadó, badh
céileog í, ach tá na daoine a' leigean asta(b) go mór
anois." "Dheamhan mórán tóir' a bhío(nn)s ag na
ceannachthóirí ar na céileogaí sin chor a' bith. D'fheicfeá
iad dhá bhfágáil 'na ndiaidh ar aontaighe." "Sílim go
gcuirfe mé an chéileog 'na n-aonaigh ambáireach.
Dheamhan gna(ithe) aghamsa a bheith dhá coinneál annsin
níos mó." "Is beag capall a' bith a d'fheicfeá ar
a dath. Sórt céileog í." "Má's céileog fhéin í, dheamhan
mórán a chuirfeas sé sin as di. M'anam má bhíonn
ordú uirre, gurb é aon-chás amháin leis a'
gceannachthóir é." "Dheamhan a' gceapfainn muis,
gur ughdar maith í an chéileog sin. Bíonn a'
cineál sin an-do-thógtha go deo." "B'fhurast
'aithinte iad — péire céileogaí a bhí ionnta(b). Dá
gcastaí leat iad, ní fhéadfá gan sonntas a thabhairt
dóibh, ar a ndath." "Dheamhan loiligheach bhainne a
bhí againn ariamh mar a' chéileog sin. Shílfeá gur
bainne dhá cheann a bhíodh aice, 'chuile uair dhá
dtiocfá dhá bleaghan." "Chaith M. Mh. Uí É. an lá a'
stangaireacht liom faoi'n gceileoig sin, a's d'fhága sé
in a dhiaidh í faoi dheire ingeall ar choróin" = a'
déanamh margaidh. "Gamhain céileogach a bhí aige" =
gamhain céileog a bhí aige." "Ní leigfeadh sé an
bhudóg chéileog lag labhartha as naoi bpunt. Nuair a
chonnaic mise nach leigfeadh, níor chuir mé aon-araoid
air tí (= ní) ba mhó."

Ceisniughadh = briathar.

Ceisniughadh = a' ceasacht; ag éagcaoineadh; a' fuasaoid; a' gearán; ag aireachtáil

[Ní mheasaim go bhfuil sé le fairrge i gConamara. Ar a shon sin, tá sé coitchiannta ar an Achréidh].

"'Raibh sé i bhfad a' ceisniughadh?" = 'Raibh sé i bhfad a' fuasaoid an tinnis; raibh sé i bhfad dhá aireachtáil? "Cá'ide a chaith sé a' ceisniughadh?" = go dona; ag aireachtáil tinnis. "Miosaim go bhfuil sé a' ceisniú, maran eitinn a bheadh ag gabhail dó, ar nós an athar." "Is gearr a bhí sé a' ceisniú chor a' bith an duine bocht, gur scuab sé." "Measann tú ab í atá sé a cheisniú?" (eitinn). "Tá daoine a' ceisniú go mór leis a' ngalra sin anois." [: "pendicitis"]. "Ba mhór a bhí na beithidhigh a' ceisniú leis sin, bliadhanta beaga ó shoin, ach níl cainnt a' bith anois air" (: "foot and mouth disease"). "Dheamhan lá ó tháinic cuimne dhom, nachar chuala mé an ceann céadna a' ceisniú, a's a' leigean tinnis uirre fhéin, ach tá sí annsiúd in a ruacán caillighe fós, a's gan cosamhlacht a' bith báis uirre." "Tá na caoirigh fré chéile a' ceisniú le pochán, marab é an fliuchán atá dhá dheanamh orru." "Ní fhaca tú aon-chamsrón birín ariamh, ach a bheith in' aice. Dheamhan forus a' bith a ghníonn sé ach a' ceasacht a's a' ceisniú, a's a' cur a' tighe thrídh na chéile."

Céithireacht: ainm-fhocal nó briathar.

Céithireacht = mion-chasacht; casacht thirm. A' céithireacht = a' mion-chasacht 'ndail le i gcomhnuidhe; casacht thirm a bheith ort; criotán.

"Bíonn sé a' céithireacht i gcomhnuidhe." "Dheamhan slaghdán ná cuid de shlaghdán air sin, ach gur maith leis a bheith a' céithireacht leis mar sin." "Mara bhfuil casacht ort, ná tabhair d'fhaisean duit féin a bheith a' céithireacht mar sin." "Tá sé ar a' gcéithireacht chéadna i gcomhnuidhe — a' mhion-chasacht leis mar sin." "Shílfeá go raibh sé in am aghad eirghe as a' slaghdán sin feasta, ach dheamhan cosamhlacht fós ort a's thú a' céithireacht chasachta mar sin. Is deacair an slaghdán bradach céadna a chur as do chreatalaigh." "InDomhnach sí'n chéithireacht chéadna a bhíos ormsa samhradh a's geimhreadh, ní a' ceasacht ar Dhia é!" "Nach mór a' t-iongnadh nach scarfadh a' chéithireacht leis luath ná mall." "Bhí fhios agham ar a' bpuínnte gurab é a bhí istigh romham, nuair a chuala mé an chéithireacht." "'Sí M. Ph. nach bhfuil an chriotán ná'n chéithireacht uirre, ní hé t'fhearacht fhéin é." "'Meastú nach bhfuightheá buidéal eicínt ó'n dochtúr a bhainfeadh an chéithireacht sin dhíot, dhá dteightheá (ch)uige. Ach is beag a' baoghal ort." "Ara dheamhan steamar ariamh ar sin, ach gur faisean leis a bheith ar a' gcéithireacht sin i gcomhnuidhe." "Tá tú ar a' gcéithireacht aríst. Dheamhan easna dhíot, nó tá sé ort. Ach ní fhéadfá é (: an slaghdán) a leigean thart, gan poc dhe a fhághail." "Tobac — an iomarca de'n phíopa — a chuirea(nn)s an céithireacht sin air. (D)ar ndóigh, ní bhaineann sé an píopa as a bhéal beag ná mór." "Dheamhan stopadh a tháinic uirre ó chuaidh sí isteach (ch)uig an Aifreann go dtáinic sí amach aríst, ach a' céithireacht chasachta mar sin. Ach dheamhan's móide neart a bhí aice air." "Is diadhachta dhuitse céithireacht ná casacht a bheith ort — duine nar fhága an splainnc (: splannc) le seachtmhain. Is maith an chiall ag daoine é, a mb'éigean dóibh a dhul amach faoi dhoininn a's faoi dheállradh le seachtmhain. Tá ceart aca(b) an slaghdán a bheith orra(b) ar chuma 'r bith."

Cíb ar éigin: ainm-fhocal; firinscneach.

Cíb ar éigin = féar láidir fiadháin, stalctha; meath-chíb; féar nach mbeadh baileach chomh h-urradhanta le cíb.

"Tá'n áit seo in a chíb ar éigin" = go raibh sé imthighthe amach 'un fiadhántais, cheal saothruighthe, cheal aire nó a leithide. "An chíb ar éigin sin atá ann fré chéile." "Chuir mé suas na gasúir sin an lá faoi dheire, le beairtín cíbe a bhaint, a's má chuireas fhéin, ní cíb a thug siad chugam, ach cíb ar éigin." "Ara nach ndéanfa an chíb ar éigin sin thú, atá thuas 'sna bárra garbha? Cé'n locht atá a gheobhas siad uirre ?" "Ar thalamh roighin láidir, nach bhféadfa láighe a chuir thríd mórán leis, a bhío(nn)s a' chíb ar éigin. Dheamhan mórán cúis léithe ag beithidhigh." "Chonnaic mise féar chomh mín chomh séimhidhe, a's gheobhfá istigh sa leath-bhaile seo ar a' bpriobán talmhana sin, a's feacha anois go bhfuil sé 'na chíb ar éigin. Dhéanfadh talamh a' bith an rud céadna, dhá bhfágtaí gan aon-chaoi é." "Mara dtóige tú na clascannaí crotha sin, a's an tóchar sin atá calcuighte a réidhteach, is gearr gur in a chíb ar éigin a bheidheas an garrdha sin agad." "M'anam dá bhfágthá na h-íochtair fliucha sin, achar a' bith bán, go ndéanfaidís cíb ar éigin. An t-uisce a chomhnuigh-ea(nn)s idtalamh íochtair a dhéana(nn)s é sin." "Níor mór na mion-chlascannaí a shioscadh a's a thógáil go maith 'chuile bhliadhain, nó déanfa na h-íochtair siúd cíb ar éigin." "Talamh stalcanta é, a's dheamhan moill a' bith a bheadh air, go mbeadh sé in a chíb ar éigin, mara bhfaghadh sé an-iongabháil — rud nach bhfaighe sé uaidh siúd nó d'athruigh sé." "Ní chasfadh a' diabhal fóidín baic ar na h-íochtair fhliucha údaidh. Tá siad in a gcíb ar éigin as éadan. Fhobair mé feac a bhriseadh leo(b) indiu." "Is maith an dóigh fataí é an garrdha sin anois, cé's moite de na giodáin sin atá in a gcíb ar éigin. Dheamhan ar bh'fh'lár dóibh sin slam aoil le na dtabhairt 'un míneadais aríst."

Cíbleadh (scíbleadh, scíbhle) = Ainm-bhriathar; ainm-fhocal, baininscneach.
[scíbleadh a's scíbhle (sceimhle?) amanntaí].
Cíbleadh = (i) a' loscadh; a stealladh; a' cur dhe; a' cur as ucht; a' scárdadh; a' siabadh (ii) sriabhán trom; moirt bháistighe; díle cainnte; táirm chainnte; tuile chainnte

"Tá sé a' cíbleadh cainnte" = tá an díle cainnte air; tá sé in a chlaibín muilinn le cainnt; ní thagann iabh ná forus ar a bhéal; ní dhéanann a theanga comhnuidhe 'bith, ach a' cainnt. "Má bhíonn tú i bhfad eile ar a' gcíbleadh sin, dathócha mé an smut agad" "Is beag a' dochar de do theanga a bheith tuirseach, a's an scíble atá fúithe. Shílfeá go dtiubhárfá scíth di uair eicínt, a's gan a bheith ar a' táirm chéadna i gcomhnuidhe." "Níor chuala tú i gcaitheamh do shaoghail ariamh aon-scíbhle (: sceimhle?) ná aon-díbliú mar thug an strachaille sin thíos dhom anocht. Is beag a bhéarfadh orm 'dhul soir, a's í a thabhairt 'un cúirte, faoi bheith do mo reiceadh mar sin." "Níor chuala tú a leithide de chíbleadh cainnte ar aon-duine i gcaitheamh an tsaoghail! Dar príosta is maith an dicheall dhó, seasamh ar an táirm siúd i gcomhnuidhe." "Bhuel tá fear sa mbaile as Meriocá tigh Sh. Mh. Mh. annsin thiar, a's dhá gcloistheá é sin a' cíbleadh, déarfá go deimhin go bhfuil cainnt aige. Ach má tá, dheamhan ínnte ach sprus-chainnt." "Má thosuigheann sé siúd a' cíbleadh eascainidhe ort, feicfe tú fhéin air, go mbeidh 'fhios aghad a bhfuil aon-smid aige, nó nach bhfuil." "Leig de do chuid cíble fúmsa anois. Dheamhan aithne ort nach mise is cionntaighe leat fhéin, a's le do chuid tinnis." "Tá sé a' cíbleadh báistighe" = moirt bháistighe dhá chaitheamh aige. "'Bhfaca tú aon-chíbleadh báistighe ariamh mar tá air le cupla lá. Dheamhan goir ag duine a dhul amach ag iarraidh aistir uisce, nach mbíonn sé in a líbín bhog bháithte." "M'anam go gcaithfe sib a theacht le na bhfuil de mhóin istigh agaibh anocht, ar mo shonsa. Dheamhan a bhféadfadh aon-duine a dhul 'na phortaigh anois, a's é ar a' gcíble ghránna sin." "Tháinic sé in a chíbleadh bháistighe orainn ag Á. Dh. l. a's ní raibh snáth orainn nach raibh fliuch báidhte ar a theacht abhaile dhúinn."

Cinnceach = ainm-fhocal, baininscneach. [Achréidh]

Cinnceach = sprus-mhóin nó droch-mhóin in íochtar portaigh. Is minic nach meaththann sleaghdóirí iad fhéin léithe.

"Ní thiormóchadh an saoghal an chinnceach sin ar a' bhfaslach, mara dtagadh an-tsamhradh amach." "Is mór an easonóir a bheith 'baint cinncighe íochtar portaigh, arae sceiththeann sí ar fad. Dhá mbeadh sí tirm fhéin agad, deanann sí sprus chaorán, a's dheamhan mórán a bhuachanns (= bhuadha(nn)s) aonduine uirre." "Tá'n chinnceach mhóna sin go h-olc. Ní dhóghann sí chor a' bith ach cnádadh léithe." "Dheamhan fód 'san eanach sin thíos, ach an díogha críochnuighthe. Is geall le cinnceach í fré chéile." "Tá'n breathas ar a' gcinnceach sin, le scaradh. Deanann sí sprus fré chéile, ar a' dá luath a's a mbeireann duine uirre." "Beannacht Dé dhuit, cá bhfaigheadh an chinnceach sin buaineadas a bheith innte. Bhí sé chomh maith de dhuine brosna (: gabhail) cloch a chuir ar a' teine léithe." "Níl 'bounce' a' bith sa spaidealach sin. Breagh ó fuaidh sibh dhá tabhairt lib, nar thug sib móin ar foghnamh libh, seachas an chinnceach sin, nach ndeargfadh ó mhaidin go faoithin." "Tá na h-eanaigh atá annseo bog, báithte, seachas eanaigh na h-áite sin agaibhse. Má theidheann tú domhain a' bith annseo, dheamhan pioc atá ann, ach cinnceach gan aon-mhaith."

Cinnire, Cinnireacht [féach foclóir an Duinnínigh].
Cinnire: ainm-fhocal, firinscneach, iolraidh — cinnirí.
Cinnire: ceann-feadhain; ceannphuirt; treoruidhe; fear ingreim cinn igcapall seisrighe nó i gcapall ar bith a's é dhá treorú; soláthruidhe; cnuasuigheadóir; fear giollachta.

"Ní bhfaigheadh sib cinnire ab fhearr ná é, má thugann sib aon-chluais dá chomhairle." = ceannphuirt; ceann-feadhain. "(D)ar ndóigh, mara dtuga tú aon-áirde ar chinnire an phobuil, tá sé mór againne a dhul i gcleitheamhnas aon-chomhairle a chuir ort." "Ní raibh aon-chinnirí de'n rath orra(b). Dhá mbeadh dhéanfaidís gníomh thar mar rinne." "Marach an sórt cinnire a bhí orainn an oidhche sin, dhéanfadh muid cat as dá rioball. Dar m'fhocal duit, dheamhan fear ar a' bhfeadhain de'n dáréag Black and Tans a bhí ann a changlóchadh aon-fhata le na loiseag aríst. Ach sé'n uair a bhí siad sáinnighthe aghainn a fuagruigheadh orainn imtheacht a's gan drannadh leo(b)."

"Is olc a' cinnire capaill a dhéanfas tú, tá faitchíos orm."
"Ní chuirfinn in a chinnire ar a sean-asal atá indáil le cáillte annsin thoir é, ní áirmhighim ar chapall mearcánta nach raibh thar faoi dhó ariamh faoi charr." "Bhíodh cinnire a's oire(amh) le seirsigh (: seisrigh) fadó. Sin é 'san am a mbíodh an céachta Gaedheal-ach acu.
Dheamhan call cinnire 'bith anois. Déanfa fear seirsighe amháin."
"Dar mo choinsias muise, mara bhfuil an capall an-mhín, ní shin é an cinnire ab fhearr liom in a h-éadan — bás bradach.
Má chuireann sí cosamhlacht a' bith uirre, dheamhan a' dóichide rud a dhéanfadh sé sin, ná cead a' bhealaigh a thabhairt di."
"Bhí duine aghainn ar 'chaon stuaicín a's beirt chinnirí in a cloigeann, agus badh é díol a' diabhail é, dá mbeadh bromach capaill indon rith ar a' méid sin." [= capall a cuireadh faoi charr de'n chéad uair]. "Dhá mbeadh aon-stuaim sa gcinnire, ní imtheochadh sí d'aon-iarraidh mar rinne sí, ach ní raibh." "B'fhurast 'aithinte dhó gurab shin é an cleas a dhéanfadh sí, a's an cinnire a chuir sé in a ceann — staic de phutach. M'anam go dtiubhradh sí sin fuighleach le déanamh d'fhear mhaith fhéin."

"Go leige Dia slán a mháithreach' a's a cinnire!" = "go méadaighe Dia a mháithreach a's a cinnire!" = "go leige Dia slán a mháithreach a's bean a roinnte!" ["Cinnire" na bó] = altú bainne. Deirtear ceachtar de na rudaí tuaisríomhtha ag altú deoch bhainne. "Tá fuighleach agham anois, go méaduighe Dia a mháithreach a's a cinnire!" "Is géar a theastuigh an deoch sin uaim, go méaduighe Dia a mháithreach a's a cinnire!" "Bhí mé scrútaighthe leis a' tart, go leige Dia slán a mháithreach a's a chinnire!" "Marach an taoscán bláthaighe sin, bheidhinn thart leis a' tart, go méaduighe Dia a mháithreach a's a chinnire!"

"D'orduigh cinnire congnamh" = "d'orduigh Dia congnamh a's go gcuirfead sé fhéin slacht air" = ní mór do'n té atá a' cinnireacht congnamh fhaghail ná ní bheidh seisean indon an obair uileag a dhéanamh, dhá fheabhas dhá mbeidh sé. ["D'orduigh cinnire congnamh!" = sean-fhocal].

"Ní dhéanfa sé cúis na fataí a chur, a's iad a fhágáil annsin, a' ceapadh go bhfásfa siad uatha(b) féin. 'D'orduigh cinnire congnamh a mhic ó'." = caithfidhear freastal a dhéanamh ar na fataí th'éis a gcurtha, iad a lánú, a ghort-ghlanadh etc. "Ní thriomóchadh grian a' tsaoghail móin, mara bhfaghadh sí giollaidheacht. Ar chuala tú ariamh é, 'd'orduigh cinnire congnamh'." "Ní mhúinfeadh maighistirí scoile na h-Eairí aon-fhocal foghluim' dó, nuair nach mian leis fhéin tada a thóigeál. 'D'orduigh cinnire congnamh'." "Is deacair dhom tada a dhéanamh, a's mé chomh h-aonraic a's tá mé. 'D'orduigh cinnire congnamh', agus sin rud nach bhfuil aghamsa, ná fáill a' bith air." "'Tá Dia go maith faoi thrócaire ceart go leor, ach ní fhaightear bróga gan airgead'. Maran dúil le duine fhéin maith eicínt a chuir air fhéin, ní fhéadfadh Dia ná duine é 'dhéanamh dhó. D'orduigh cinnire congnamh, bíodh fhios agad." "Má fhágtar 'chuile shórt faoi Dhia, is deacair dhó freastal dhóib ar fad. D'orduigh cinnire fhéin congnamh."

"Chuala mé sagart a bhí annsin thoir a' rádh, nach bhféadfadh Dia fhéin; dhá mhéad 'power' dhá bhfuil aige, duine a shlánú, mara dtogruigheadh an duine fhéin é. D'orduigh cinnire fhéin congnamh."

"Bheadh ocras air sin dá mbeadh beatha faoi a's fhairis, arae ní leigfeadh corp leisce dhó, tada a dhéanamh le na saothrú, a's d'orduigh cinnire fhéin congnamh."

Cinnireacht: ainm-fhocal, briathar.

Cinnireacht: treoruidheacht; ceannús ceann; giollacht, biadhtachas ceannsacht; láimhseáil, ceánnsú; stiúradh, urlámh á ghlacadh; comhairliú, smáchtú.

"Níl siad a' faghail aon-chinnireacht ó'n té is córa dhóib é fhaghail uaidh, a's gan é 'fhaghail uaimse" = comhairliú, smachtú. Níl a n-athair a' tabhairt aon-chomhairle dóib ó's dó is córa. "Mara bhfuil de chinnireacht orra(b) muise, ach a ndéanfa Mac Th. Uí Mh. orra(b), eirighidís as, arae ní dhéanfa siad aon-ghna(ithe)" = urlámh, ceannús ceann, treoruidheacht comhairle. "Tá sé mór agamsa a dhul a' cinnireacht daoine, fear atá ar bheagán scoil' a's foghluime, a's nach ndeacha níos faide ó bhaile ná Gaillimh ariamh." "Níl sé siúd indon cinnireacht a' bith a dhéanamh ar scoláirí, an súm sám bradach!"

"Cé bhí 'cinnireacht a' chapaill?" = dá stiúradh as a cloigeann nó dá treorú. "An tusa a bhí cinnireacht?" "Bhí B. sa gcrannóig a's í 'cinnireacht" = bhí sí a' treorú an chapaill de chrannóig 'side car'. "Bhuail néal chodlata sa gcarr é, a's dheamhan duine ar bith a bhí ann leis a' gcapall a chinnireacht, a's cead aice a thoidheacht abhaile uaithe fhéin." "Dhá mbeadh aon-duine de'n rath a' cinnireacht, ní raibh aon-ghoir aice imtheacht." "Cheannuigh mé capall aniar as Conamara annseo an bhliadhain cheana, a's níor mhór duine dhá cinnireacht leis a' treabhadh idtoiseach. Ach tá sí taithighthe leis anois, a's níl go dona chor ar bith dhi." "Ab é S. fhéin a bhí 'cinnireacht an 'mhotair'" = ab é a bhí a' tiomáint an ghluaisteáin? "Níl aon-ghna(ithe) ag an gcimleacháinín sin a dhul a' cinnireacht. Mara dtosuigheadh a' capall ach a' cuachaighil, leigfeadh sé sin bóthar léithe." "B'fhurasta aithinte dhaoib go n-ionntóchthaidhe an carr, a's an té a cuir sib a' cinnireacht. Is adhartha an té nach mbeadh fhios aige, nach raibh ghnaithe in éadan capaill ag an leoiste sin." "Má eirigheann sí goirgeach ná gártha chor a' bith, is olc a' strúiméad (: stróiméad, stráiméad) é sin a' cinnireacht capaill." "Shílfeá go raibh sé 'cínnt air an t-asal a chinnireacht a' teacht de'n phortach trathnóna. Ach ní gan anró na h-asail chéadna a chinnireacht, má bhuaileann aon-rachmall iad."

"Is deacair 'parasól' a chinnireacht lá garbh." = is deacair 'parasól' a láimhseail nó a choinneál as do chionn fhéin. "Ceadh nach bhfuil tú indon an 'bicycle' a chinnireacht fós. Shílfeá go bhfuil sé in am aghad a bheith indon ceart a bhaint dhe feasta." "Níor mhór do dhuine a bheith stuamdha le ball mar sin a chinnireacht." [Rothar gluaiste]. "'Mbeadh fhios aghad faoi neamh nó néal, cé'n chóir a bhfuil siad indon na 'h-aeroplanes' sin a chinnireacht chor a' bith san aer. Shílfeá go mbadh deacair dóib é lá gála go h-áithrid, ach deir siad dheamhan cailm a bhío(nn)s orra(b) ach an oiread le lá ar bith." "Tá ealadhain ar an iongás sin a chinnireacht aníos ar a' mballa." [fear i dteasbantas a theigheadh aníos balla ar ghluais-rothar]. "Shílfeá go mbadh deacair dóib (: do na mná) na hataí coirricíneacha sin a chinnireacht chor a' bith, dhá mbeadh farradh 'bith ann." "Dheamhan 'scil' a bith a gheobhfadh fear na tíre seo, cé'n chóir a mbíonn siad indon a' seol a chinnireacht chor a' bith ar fheochan. 'Ach is namhaid an cheird gan í 'fhoghluim', mar adeir an té adubhairt é."

"Fuair sé cinnireacht mhaith" = oileamhaint, tógáil, biadhtachas, tabhairt-suas. "Ní bhfuair an laogh sin thiar aon-chinnireacht uaib, agus is furast' aithinte air fhéin nach bhfuair. Nach bhfuil an dá ghoramhan chomh caol, chomh caithte aige, a's 'bheadh goramhnaí con." "Is furast aithinte an beithidheach a gheobhfas deagh-chinnireacht" = deagh-ceannsacht. "Ní bhfuair sé aon-chinnireacht as tús 'óige, a's tá a shéala air anois." "Níl sliocht na beatha air, arae ní fhaghann sé aon-chinnireacht mar is ceart uaidh. Má's leis é siúd a chur 'na n-aonaigh go goirid, ní mór dhó ordú a chuir air, nó fágfaidhear aige fhéin é." "Má tá sé a' faghail cinnireacht' chomh maith sin, is mór a' t-iongnadh, nach mbeadh slacht a chodach air. In a leaba sin, is geall le leath-deire cait an giall atá air." "Is beag a' dochar do na muca sin a bheith ramhar beaithte, fhéin arae fuair siad togha na cinnireachta ó'n lá ar ceannuigheadh iad." "Tá sé an-mheirbh (: uan óg), ach le cinnireacht a's aire srianfa sé thríd." "Is olc a' chinnireacht a fuair a' créatúr. Fágadh in a dhílleachta an-óg é, a's dheamhan mórán áird' a thug muinntear na sean-mháthar air, rud nach milleán orra(b), a's an cluithche a bhí aca(b) fhéin ann." "Dhá bhfaghad sé aon-chinnireacht a rath, shrianfadh sé thríd an tinneas."

Cíos, cíosú, cíosáinín, [cích-easán?]

Cíos = ainm-fhocal, firinnscneach; gein. aonda — cíosa: u. iolraidh — cíosannaí.

Cíosáinín = ainm-fhocal = duine beag dona, crannda, gan brigh, gan éitir, cranndailín, cranndachán, aircín de dhuine, duinín éidtreorach

Cíos = airgead a íoctar in ómós, talmhana, tighe etc.

Cíosú = briathar = cíos nó cáin a íoc; díoluidheacht fiacha nó millteanais.

"Níor íoc sé aon-phighinn cíosa le dhá bhliadhain." "Tá riaráistí cíosa amuigh air." "'Sé bhíodh a' tógáil a' chíosa annseo fadó." "Is gearr go mbí cíos a' teacht treasna orainne" = dlighte le n-íoc. "Beidh cíos a' glaodhach anois an mhí seo chugainn" = beidh cíos le'n íoc. "Bheadh ciall cíos ach gearraidheachaí." "Tá sé phunt air. Idir chíos a's airgead acraí." "Beidh an lá cáirde thuas anois go goirid, a's mara mbí an cíos íoctha roimhe sin, deirimse leat, gur gearr go mbeidh tréas dhá chur orainn faoi." "Caithfe an punt sin a dhul sa gcíos" = foghanfa sé leis an gcíos nó cuid de 'íoc. "Mara bhfuil airgead agad, caithfe an bhó a dhul sa gcíos" = tógfaidhear ort í, in ómós cíosa.
"'Tá na teinteáin dhá dtógáil, a's an bhó ag dul sa gcíos a's pé'r bith cá'il Máirín, sí Nóirín mo mhian'." [As sean-amhrán].
"Fágfa an cíos de dhruim tighe é as a dheire" = ní bheidh sé acmhuinneach ar a' gcíos 'íoc a's cuirfidhear as seilbh é; bánócha sé é fhéin, ag iarraidh an chíosa a íoc. "Fuair siad lascainidhe sa gcíos i mbliadhna." "Meastú 'bhfuil cuímne 'bith ag lucht a' chíosa aon-lascainidhe a thabhairt do na daoine. Is fadó an lá a gheall siad é, ach sin é fhéin 'an deagh-ghealladh a's an droch-choimhlíonadh'." "Chuaidh an t-éadach leapthan sa gcíos, an uair a bhí an báille amuigh go deireannach aice." "Níl mórán cíosannaí eile anois le n-íoc aice — cúig nó sé de cheanna — a's beidh an talamh saor go bráth aice 'na dhiaidh sin." "D'fhág an Linnseach an gabhaltas aice gan cíos ná camhlach go bráth, de bharr an amhráin a dhéanamh." "Níl fhios agham cé'n chaoi 'bhfuair siad é, ach tá'n giodán talmhana sin aca(b) gan cíos ná camhlach go deo." "Chuala mé nach mbeidh cíos ná comhlach ann níos mó ó chuaidh an dream seo isteach." (: dream

poiliteachta). "Dheamhan cíos ná camhlach a íocfas mise níos mó nó go bhfagha mé rud ar a shon. Tá bóithrí dá ndéanamh in áiteacha is neamh-chóra go mór iad a dhéanamh ná annsin. A's cé'n bhrigh ach má éilighim é, dheamhan comhaireamh ná sop, ná'n 't-éisteacht fhéin a fhaghaim." "Is olc a' ceart é go mbeadh cíos a's camhlach ar bhreaclachaí, a's ar chriathraigh a shaothruigh daoine go cruadh le allus a gcnámh, a's togha na talmhana dhá fhágáil bán. 'Séard a bhí a dhéanamh an cíos a mhaith ar fad dhúinne, a's árdú dhá réir a chur ar na bitheamhnaigh a bhfuil na feilmneachaí bána sin aca(b). Badh é an deasú orra(b) é." "Ab é Seán riu! Dheamhan luach a bhéilidhe ag Seán ní áirmighim cíos a's camhlach a íoc. Sí bean na Gaillimhe atá ag íoc a' chíosa, má's beag mór a' cíos atá air." "Dheamhan cíos na camhlach a bheidheas ar a' gcéad líne eile 'íoc dhá réir sin. Muide inDomhnach a bhain a' méid sin cirt amach de na tighearnaí, ach 'ní hé an té a shaothruighea(nn)s fhagha(nn)s' adeir siad. Is mór is fiú go mbeidh a shógh ag duine eicínt dar ndóigh." "Tá'n teach suidhte ar cíos aige. 'Chuile sheans nach dtiocfa sé fhéin a' comhnuighe ann chor a' bith." "Dheamhan ar íoc sé an leath-chíos deireannach fós, aindeoin go raibh sé gligthe (: dlighte) aige é 'íoc lá Bealtaine." [Leath-chíos = "sos" = cess = moiety]. "Ní aireochthá leath-chíos chor a' bith, ach nuair a bheidheas an cíos bliadhna 'nar mullach, a's gan aon-tslighe againn faoi na chomhair." "'Cíos do bhó nó biadh do leinbh'" = seo é adeireadh báillí na dtighearnaí. Is leath-fhocal sa gcainnt anois é. "An Cíos Catoileacach" = 'sé cruinnightí igcóir Ciste Uí Chonaill. Tá sé i gceist fós ag sean-daoine. "Cíos cléire" = na deachmaí = an cíos a d'fhaghadh an teampall gallda. ["Tuarastal" nó "dualgas" a tugtaí ar airgead an tsagairt, ar a shon sin]. "Bhíodh cíos cléire len íoc fadó idteannta dualgas a' tsagairt." "Sin é an uair a cuimlightí sop na gcirte

do dhaoine nuair a chaithidís cíos cléire a íoc leis an teampall gallda, i gceann a raibh de ghearraidheachaí eile orra(b)."

"Ní chuimnigheann aon-duine dhá bhfuil beo anois ar a' gcíos cléire. Is beag le go gcuimneochadh a n-aithreachaí air, tada leis." "'San am a raibh an cíos cléire amuigh, chaitheadh na daoine an ministéara 's an sagart a íoc chomh maith le chéile."

"Cíos teinteáin" = "airgead teinteáin" = hearth-money.

"Bhíodh cíos teinteáin ann fadó."

"Ní bhíonn aon-chíos ar a' gcainnt" = "mara mbí ag duine ach cainnt, glórtha móra, a's leigean amach, a's gan aon-chur in a cheann sin, ní bhíonn caillteamas a' bith dhá chionn. Ní cainnt a chruthuigheas ach gníomh. Bíonn cainnt gan chaillteamas.

"Gheallfad sé an saoghal mór duit, ach ní bíonn aon-chíos ar a' gcainnt." "Déanfa sé neart cainnte, ach ní bhíonn aon-chíos ar a' gcainnt." "Nach réidh a thaga(nn)s an chainnt dó, ach dar ndóigh, ní bhíonn aon-chíos ar a' gcainnt!" "Is maith an scéal duit nach bhfuil aon-chíos ar a' gcainnt, nó bheitheá bánuighthe" = duine a bhíodh a' síor-chur dhe. "Dheamhan aithne ort nach cíos atá ar a' gcainnt, a's a laghad a's tá le rádh aghad." "'Deagh-ghealladh a's droch-choimhlíonadh' — sin é a bhealach sin. Ní bhíonn aon-chíos ar a' gcainnt tá fhios aghad." "Féadfa tú 'bheith síorrádh leat annsin go dtogruighe tú stopadh. Ní bhíonn aon-chíos ar a' gcainnt." "Dhá mbeadh aon-chíos ar a' gcainnt, deir (: dar) liom fhéin, nach mbeadh an oiread clabaireacht' ag cuid de na daoine, a's 'bhío(nn)s aca(b)."

"Níl aon-chíos ar a' gcainnt chois teallaigh annseo, ach mise imbannuidhe, dá gcastaí ort i dteach an óil é, gur beag a' tsubháilce a bheadh ann." "Is mór is fiú do cuid de na daoine nach mbíonn aon-chíos ar a' gcainnt, nó bheidís bánuighthe" = daoine a mbíonn iomarca le rádh aca.

"Tá sí sin sáthach spleádhach, agus sáthach spleodrach mar sin, ach mar dubhairt a' ceann eile, ní bhíonn aon-chíos ar a' gcainnt."

"Cíosú" = briathar = cíos a íoc; díoluidheacht fiacha, nó millteanais.

"Níor chíosuigh sé an teach leis, fós i mbliadhna." = Níor íoc sé cíos a' tighe leis fós i mbliadhna. "Bhí conacra tóigthe aige, ó R. annsin thoir anuiridh, a's níor chíosuigh sé fós leis é." "Bhí cupla budóg ar féarach agam aige, anuiridh, a's tá sé thar am é 'chíosú leis. D'aithneochainn ar a bhruas 'chuile áit dá gcasann sé liom, go bhfuil sé súil leis, agus leis a' gceart a dhéanamh, d'fheilfeadh sé é 'thabhairt dó, lá 'bith feasta."

"Do thug mé mo pháircín, faoi chlaidhe a's faoi fhál duit.
Tá sé in am a'd é a chíosú liom anois punt nó dhó,
Gur leat a dhéanfas mé gálaí go dteaga an Fhéil Pádraic,
Nó go seoladh na gamhna sa mbaile seo siar."

[As "Domhnall Ó Dálaigh" — dubhairt an t-aithrisidhe — B. R. — "do"].

"Má shuidhim an seomra sin in aithbhliadhain, dar príosta, ní leis sin é, arae níor mhór duit a bheith in' éadan 'chuile ré soluis, a's mar sin fhéin, ní chíosóchad sé leat é faoi shásamh." "Thug mé féarach dhá cholapa dhó anuiridh, a's dheamhan saoradh ná séanadh a thiubhradh sé dom, faoi na gcíosú liom. Meastú nach h-éard adubhairt sé an uair dheire a d'iarr mé air é, go raibh binn aige fhéin ar a' sliabh chomh maith liomsa!" "Tá a chuid asal leigthe amach faoi scuir aige, a's gan breathnú in a ndiaidh ó Luan go Satharn, ach dar mo choinsias, má theigheann siad i mbradghail ar mo chuid-sa, cíosócha sé liom a ndéanfa siad de mhillteanas, feicfe sé fhéin air." "Dheamhan scolb a thiubhrad sé cead dhuit a thabhairt amach as na gurráin siúd aige (: gurrán = garrán), gan a chíosú leis. Tá sé an-ghéar, a's cruadh coinneálach ar aon-cheo 'tá aige."

"Chaith m'athair — 'ndéana Dia grásta air! — na cianta a' tabhairt garrdha dhó, le fataí a chur ann, a's má chaith fhéin, dheamhan cíosú ná cúitiú a rinne sé ariamh leis, ná aon-chuimne aige air." "Béarfa sé cupla lá seirsighe (: seisrighe) dhó leis a' gceathramhadh thuair sin a chíosú leis."

Cíosáinín [Féach míniú]. — cíochthasán? cícheasán? = duine a bheadh i bhfad ar cích; mar bheadh sean-pháiste ann. Cíchsheascán? = duine a bheadh ar chíc sheisc, nó nach n-ólfadh a lacht. [Níor chuala mé cíosán sa gcainnt].

"A chíosáinín bhradaigh, céard tú a rádh?" "Má theighim a' cur aimsire ar dhuine, cuirfe mé aimsir ar fhear ar foghnamh, a's ní ar a leithide sin de chíosáinín é." "Shoraidh dhi a leithide de bhean bhreagh, nar phós fear eicínt thar a' gcíosáinín sin, nach bhfuil oiread do dhorna ann." "Tá cíosáinín geanncach de mhac aige, a's choinneochad sé cainnt le dháréag." "Nach h-ámhuilleach a' cíosáinín fir é, a dhul a' cur achrainn ar a mhacsamhail sin d'fhear." "Tá'n cíosáinín sin muise chomh luaithneach, agus gur beag a imtheochas ingan fhios dó, a's dheamhan ceo dhá bhfeice sé nach gcuirfe sé seoladh faoi" = bíonn sé anonn a's anall is 'chuile áit, i riocht's nach mbíonn tada ar siubhal ingan-fhios dó, a's puibligheann sé chuile 'shórt dhá bhfeiceann sé." "Dheamhan aithne air, an cíosáinín bocht, nach fear ar foghnamh é fhéin." "Tá'n cíosáinín sin thuas ag M. Bh. istigh aghainn chuile ré soluis. Meastú a ndéanann sé buille maitheasa 'bith, ach chreidim gurb é cuid a' bheagáin atá sé indon a dhéanamh th'éis a dhichill. Dheamhan brigh ann." "Sa múnla céadna — in a chíosáinín mar sin — a fheicea(nn)s muide é ó rugadh muid. M'anam gur cheart dó bun-aois mhaith fhéin a bheith aige anois." "Ní thiocfa aon-bhiseach air choidhchin, ach in a chíosáinín mar tá sé."

Cipiléaracht, (cibiléaracht), cipiléara, cipiléirín = ainm-fhocla.
[Féach Foclóir Uí Dhuinnín cibleálaidhe = trifler].
Cipiléaracht (cibiléaracht) = cabaireacht; nathuidheacht; cainnt ar sraith; obair réidhcúiseach; a bheith ag obair, a's gan aon-dúthracht a chaitheamh léithe; mion-obair, mion-ghiotamáil.
Cipiléara, cipiléaraidhe, cipiléirín = cabaire; nathuighdeoir; gnaitheach; giotamáluidhe; duine nach mbeadh ach ag ealadhain leis an obair a bheadh sé a dhéanamh; duine a bheadh anonn a's anall leis an obair, a's nach mbeadh mórán de bharr a shaothair.

"Ná bí a' cibiléaracht chainnte mar sin." "Leig de do chuid cibiléaracht chainnte anois. Tá rud eicínt eile ar m'aire."
"Tá'n oiread cipiléaracht aige, a's go dtóigfeadh sé do cheann, a's gan substaint a' bith le na leath. Ní chuireann sé duine 'bith le gaoith na gcnoc ach M. T. Mh." "Fanadh sé sa mbaile. Níl guth 'bith sa teach seo ar fhéin ná ar a chuid cipiléarachta" = níl fáilte ar bith againn roimh an gcineál cainnte 'bhíos aige. "Tá cainnt aige — cipiléaracht a's cainnt ar sraith. Dheinfead sé ballséire d'aonduine beo a bheith ag éisteacht leis." "Is beag a' néal atá air sin, in a bhealach fhéin léis (: thar éis) a bhfuil de chipiléaracht aige. Do dhubhshlán fagh aon-bhrabach air 'na dheidh sin." "Chaith sé an oidhche a' cipiléaracht chainnte annsin ar a' teallach, nó gur dhubhairt mé fhéin faoi dheire a's faoi dhó (: dheoidh?) go raibh sé in am codlata. D'imthigh sé annsin ar éigin." "Ar éigin na gcor a's na gcnámh 'fhéadanns muid é 'chur abhaile oidhche bith ach a' cipiléaracht chainnte annsin, go mbíonn an dó dhéag bainte aige. Dar mo chúis (: chubhais?), racha mise chodladh feasta a's fanadh sé go maidin má's breagh leis é."
"An é siud ru! Dheamhan pioc a dheineann sé siúd ó mhaidin go faoithin ach a' cipiléaracht leis mar sin. Maidir le obair, dheamhan lá oibre faoi shlacht a facthas 'na dhiaidh ariamh."
"Ní ag obair atá sé ach a' cipiléaracht léithe. Ach dheamhan éitir sa duine bocht le aon-tsaothar cruadh a dhéanamh."
"Tá sé a' cipiléaracht siar annsin, hébrí céard tá sé a dhéanamh, ach dheamhan mórán de'n rath a dhéanfas sé ar aon-nós."

"Dar m'fhírinn duit anois a mhic, ní ag obair a bhí mé indiu, ach a' cipiléaracht léithe. Bhí an oiread póite orm de bharr na h-oidhche aréir, a's nar fhéad mé aon-smeach a dhéanamh, ó mhaidin, ach ag ól bláthaighe." "Cé'n mhaith dhomsa do chuid cipiléarachta. Mara bhfuil aon-déantus maitheasa ionnad, eirigh as an obair ar fad." "Dhiombalóchadh sé sin ráithe an tsamhraidh ar a' gcipiléaracht sin, a's sháróchad sé siar in do bhéal 'na dheidh sin, nach bhfuil aon-oibridhe ar a' mbaile is fhearr ná é." "Gnaitheach maith é. Dhá mbeadh giotamáil ná cipiléaracht a' bith le déanamh timcheall a' tighe, dhéanfadh sé é, ach maidir le obair amuigh is mó a bheadh sé in do bhealach."

"Ná tabhair leat a' cipiléara sin, nó dheamhan teach a bheidheas agad, chúig bhliadhna ó indiu." "Má theighim ag iarraidh fear fánaighe, dar mo choinsias, ní hé an cipiléirín sin a bhéarfas mé liom." "Cipiléirín crónta é. Níor cuireadh fír na maitheasa ann, agus is furasta 'aithinte air fhéin nar cuireadh." "Tá sé a' déanamh cipiléaracht eicínt le móin, le gabhail 'un seachtmhaine, ach dheamhan mórán cosamhlacht ar a' bportach go raibh sé ann." "Cá'ide eile a bheidheas tú ar a' gcipiléaracht seo. Cuir crudh 'na thosach, a's bíodh sé críochnuighthe trathnóna ambáireach ar 'fhad. Shílfeá go mbadh chóra dhuit náire 'bheith ort, a's an t-achar atá tú in ainm's a bheith in' éadan, a's gan déanamh ná leath-dhéanamh fós air."

Cithréabachaí [ceaithreabachaí, ciotréabacha, cithréabachaí, cotréabachaí — leaganachaí eile ar a' bhfocal i gceanntair áithridhe — cithréabachaí, caith-, coth- Cois Fhairrge]
Cithréabachaí = ainm-fhocal a mbaintear leas as 'san uimhir iolraidh amháin.
Cithréabachaí, chotreabachaí, ceaithréabachaí (Cois Fhairrge) =
in a réabachaí; briste; strachluighthe, stróicthe; in a ghioblacaí; ceann-faoi
a bheith ar an uair; an uair a bheith an-choimhightheach.

"Níl snáth de do chuid éadaigh, nach bhfuil in a chithréabachaí aghad."
"Níl fhios agham, cé'n smál atá chor a' bith ort, go ndéanann tú
cithréabachaí de chuile shnáth dhá mbíonn ort." "Ba bhreagh an
ball éadaigh é sin, an lá ar chuir tú suas ar do chraiceann é,
a's feacha an bhail atá anois air, in a chithréabachaí."
"Má dhéanann tú cithréabachaí de na briocáin sin anois, beidh
moill ort aríst, shul ó gheobhfas tú fuireann nuadh. Mar
sin tabhair aire dóib." "Ní bhaineann sé fada ná gearr as
éadach go ndéanann sé ceaithréabachaí dó." "Is beag a' dóchar
dhuit náire a bheith ort, do léine uileag a bheith in a cithréab-
achaí agad, a's a dhaoireacht a's tá léinteachaí le na
gceannacht." "Bhí an bheirt a' tarraingt na bráithlíne ó
chéile sa leaba, go ndearna siad ceaithréabachaí dhi
eatorra(b)." "A dhiabhail áluinn, má bhíonn tú i bhfad ar
a' sníomh sin leis a' gcathaoir, is gearr gur in a
cithréabachaí a bheidheas sí aghad. Ach dheamhan a' miste
leat. Ní chuirfe sé a dhath mairge ort." "Ní chomhnócha tú
le do chuid deasúcháin, go ndéana tú cithréabachaí de'n
'bhicycle'." "Dheamhan ball istigh faoi chaolach do tighe nach
bhfuil in a chotréabachaí, ag na bacaigh de ghasúir sin.
Neart bata nar mhór dhóib." "Buaileadh an púcán ar
Ghob na Curra(ighe), a's rinne oibriú na fairrge, a's na
maoidhmeannaí céadtacha atá annsiúd cotréabachaí
dhi, gan mórán achair." "Tá'n aimsear in a ceaitréabachaí
ar fad anois, ní ceasacht ar Dhia é" = tá sí an-choimhightheach,
tá ceann faoi uirre ar fad; tá sé ar a tairm le
gairbhshion a's báistigh. "Má sheasann an aimsear i bhfad in
a cotréabachaí mar seo, beidh na daoine in an-chaoi. Ní
bheidh fata ná arbhar ná féar ann." "Is mór a' t-iongnadh

nach gcrochfadh an uair suas feasta, a's an fhad's tá sí in a chotréabachaí anois. Má mhaireann di ar a' táirm seo, beidh chuile rud lobhtha." "Tá'n lá in a mhoirt aríst. Nach hé an saoghal 's an aimsir atá in chithréabachaí!" "Tá'n uair in a cithréabacha, ceart, críochnuighthe anois." "Bhí cithréabacha fairrge ann" = liaganna fairrge a bhí ag eirghe ar scothachaí, nó ar ghuib corainneachaí, a's a' briseadh in a gcuideannaí. "Ní bheadh sé in' araidheacht ag bád a' bith caladh a fhágáil indiu, a's na cithréabachaí fairrge atá ann." "Is mór a' lá é. Feacha an fhairrge in a cithréabachaí fré chéile. B'olc an áit a bheith ar meath indiu, b'olc sin." "Rug sé ar liagán cloiche, a's rinne sé cithréabachaí de'n chliabhán éanachaí léithe. M'anam nach hé an cliabhán éanachaí a gheobhfadh í, ach mise, dhá mbeadh aon-fháill aige orm." "Tá'n dúirling in a cotréabachaí fré chéile, de bharr lán-mhara na h-oidhche aréir. Ba chumasach a' t-oibriú a bhí sa bhfairrge." "Bhuail daol eicínt é, a's dheamhan soitheach a d'fhága sé ar an drisiúr, nach ndearna sé ceatréabacha dhi. Fhobair nar féadadh é 'cheannsú cor a' bith. An t-ól a d'eirigh sa stuaic aige, is dóigh." "Thosuigh sí a' réabadh, a's ag gabhail le buile, ar a' dá luath a's a raibh sí faoi'n gcarr, a's níor fhága sí mion-molthóg de'n ghléas, nar bhris sí in a chithréabachaí." "Dhéanfadh an ceann céadna cithréabachaí dhá dhá bhfaca tú ariamh, hébrí (: pé'r bith) cé uaidh a dtug sé an strácghail chor a' bith. Níl an chulaith sin tada le ráithe aige fós, a's is gearr nach mbeidh tuinnte di le chéile aige." "Níor bheo é sin, mara mbeadh sé a' deanamh cithréabacaí de rud eicínt. Níl billeog fágtha in a leabhar aige, nach bhfuil stróicthe, stiallta. Is deas a' chaoi é sin, a's a ghoirdeacht a's ó cheannuigh sé an leabhar sin." "Breagh nach ngearrann tú an cáca as a éadan, a's gan a bheith a' déanamh cithréabachaí mar sin di? Cé íosfas an mionudhach sin do dhiaidh?"

Ciseach: ainm-fhocal; baininscneach: uimhir iolraidh — ciseachaí — [ciall (a)] — tuiseal geineamhnach aonda — cisighe (ní thagann claochlódh ar bith air sa tuiseal geineamhnach i gcéill (c).

Ciseach: (a) cis; casán a dhéanfaí de scrathachaí nó de chraobhrachaí thrídh chaethachaí nó giodáin bhoga igcriathrach nó idtalamh (féach cis). Ní tugtar ciseach air ach i gcorr-áit (Achréidh — áiteachaí dhe). Cis a bhío(nn)s i gConamara ingeall le, ar fad.

(b) ceasach: sórt builg, máilín, nó cineál cléibh. Ceasach is mó a tugtar air seo (féach ceasach).

(c) cis ar easair; droch-bhail; as cumraidheacht nó as cruth millte; talltuighthe; gaibhte 'un dreabhláis; sáinnighthe; idteannta; sceadtha; giotuighthe [i gcéill (c) is minicí a cloistear é. Focal an-choitciannta sa gcéill sin é].

"Tá'n slám féir sin thiar in a chiseach ag na caoirigh. Dheamhan puínnte a' bith nach istigh ann a bhío(nn)s siad." "Tá'n teach in a chiseach agad, a' tarraingt 'chuile shórt isteach ann." "Tá'n bóithrín sin in a chiseach chríochnuighthe anois. Níl sé in araidheacht ag duine ná beithidheach é 'shiubhal." "Nach hí an aimsir atá in a ciseach amach a's amach!" "Tá 'chuile rud in a chiseach ag a' mbáistigh." "Nach hé a rinne an chiseach dhó fhéin leis an ól?" = Nach hé a chuir droch-bhail ar fhéin, nó a d'fhága lúb síos in a ghnaithe, nó a macsamhail. "Scread mhaidne air, an cimleacháinín marab é a rinne an chiseach dhó fhéin!" "An cosamar fataí a d'fhága sib in ur (= bhar) ndiaidh thíos annsin thíos, tá siad in a gciseach anois, de bharr na báistighe." "Ní fhaca mé do leithide de chiseach ariamh, nach gcuirfeá cuma eicínt ort fhéin uair eicínt, a's gan a bheith ag imtheacht in do shraimleoig i gcomhnuidhe." "Níl aon-fhód móna a' gabhail liom nach bhfuil in a ciseach ag beithidhigh a' talltú uirre. Spóirt 'fhagha(nn)s na gasúir sin orra(b). Dheamhan a mbacfaidís iad, dhá mbeidís a' breathnú orra(b) choidhchin." "Má fhaghann a' féar sin thíos mórán eile amlú, beidh sé 'na chiseach." "Tá'n baile in a chiseach aige; 'chuile dhuine faoi na chosa, a's gan goir aca(b) labhairt, le na bhfuil

de charaideachaí aige." "Dheamhan a bhfaca tú a leithide de chiseach déanta d'aon-rud ariamh mar tá déanta de'n gharrdha fataí sin thuas ag caoirigh Ch. Níl aon-mhaith iad ' fhuagairt di. Brath mór atá agham iad a thiomáilt (: thiomáint) chuig an ngarrdha gabhann." "A' mbeadh an oiread de'n bhallséire ort a's go dtiubharfá bhót (: vote) dhóib sin? Nach bhfeiceann tú go bhfuil ciseach déanta aca(b) de'n tír. Ach is deacair cuid de na daoine a chomhairleachan."
"Tá mé in mo chiseach le fliuchán. Níl snáth thuas ar mo chraiceann nach bhfuil bog, báithte." "Má sheasann a' sioc seo i bhfad, beidh cur in a chiseach. Tá'n bharrann dóighte ar fad aige — fata a' bith a bhí as cíonn talmhan."
"Rinne siad ciseach dhóib ar fad, sa dárna leath-uair."
= Rinne ceann de na comláin imeartha, droch-bhail a chuir ar a' gcomlán eile 'sa dara ceann de'n chluiche. Sháruigheadar iad gan stró a' bith. "Chuaidh mac Sh. P. Mh. a' carruidheacht le C. L. indiu, a's dar príosta má chuaidh féin, rinne an ceann thiar ciseach dhe, gan mórán stró a' bith."
"Má's leat ciseach a dhéanamh dhíot fhéin, teirigh amach indiu. Dheamhan a' mbeadh a leath-oiread súnáis oibre ort lá breagh." "Dheamhan duine a thiocfas ar 'bhicycle' ar a' mbóthar sin siar, nach ndéanfa sé ciseach dhe. Puiteach ar fad é. Sáthach righte a thiocfadh sé le duine é 'shiubhal fhéin, ní áirmhighim a dhul ar 'bhicycle' air." "Tá mé in mo chiseach ag an obair" = millte; as cumraidheacht, nó as cruth. "Ní raibh sé in a chiseach ariamh go dtí anois muis, má bhaintear an pinsean dhe. Ar ndóigh, dheamhan bonn bán air siúd." = tá sé idteannta. Má bhaintear an pinsean de, beidh sé in an-chaoi. "Ní raibh na daoine ina gciseach ariamh go dtí anois, muis, má ta indán's go gcaithfe siad, fanacht as an aithgiorra, a's a dhul a' timcheall." "Tá'n áit in a chiseach ag a' mbrothtuinn ghasúr sin as Baile Átha Cliath. Dheamhan fhios ag aonduine beo, cé'n ámhuilleacht atá ionnta(b)."

Ciseadóir: ainm-fhocal firinscneach: gein. aonda: ciseadóra uimhir iolraidh ciseadóirí.
Ciseadóir = fear dhéanta ciseog a's ciseán. Bhíodh an chiseadóir -eacht in a ceird in áiteacha roimhe seo, ach tá sí a' dul i léig go mór.

"Ciseadóir maith é D. Is maith uaidh buinne a thógáil ar chiseán." "Caithfe mé a dhul go dtí ciseadóirí An Taobh Mín, go bhfaga mé ciseán ceart déanta, faoi chomhair mo mhná. Níl aon-mheas aice ar chiseáin na h-áite seo." [Magadh a's fonóid]. "Níl na ciseadóirí ann anois mar bhíodh fadó." "Caithfe mé ciseadóirí a fhaghail in áit eicínt, a's aimsir lae a's bliadhain a chuir air, go ndéana sé sos chiseán a's chiseoga dhaoib." "Dheamhan fad méire de chiseán agam a dtiubhrainn scór uibheacha 'na S. leis, a's gan aon-chiseadóir sa tír mar a dteighe siar go dtí L." "'Bhfuil fhios agad áit a' bith a mbeadh ciseadóir a dhéanfadh cupla ciseog, a's ciseán dhom. Ó d'imthigh S. Mh. dheamhan duine istigh ar a' mbaile acmhúinneach ar bhuinne ciseáin a thógáil." "'Sé M. tír na gciseadóirí a's na gcaoladóirí. Nach as a thaga(nn)s cléibh, ciseáin, a's cléibhíní ime na tíre. Ach is dhóibh is fusa: nach bhfuil sail ag dul siar in a mbéal ann!" "'Bhfuil aon-rath ort a' ciseadóir-eacht? Má tá dhéanfá grádh-Dia a's ciseog a dhéanamh. Dheamhan fad méire de chiseoig a' gabhail liom, a gcuirfinn cupla fata uirre." "B'fhearr dhuit a theacht lá liom a' ciseadóireacht, ó thárla nach bhfuil aon-chruadhóg ort fhairis sin." "Is deacair dom ciseadóir-eacht a dheanamh, nuair nach bhfaghaim aon-fhreastal. Nach bhféadfadh sib na slata sin a bhruith a's a dhlaoithiú, 'thárla nach bhfuil tada eile ar a n-aire!" "Sé'n ciseadóir is fhearr sa tír anois é, ó cailleadh T. Ch. ach is beag an goir a bhí aige ar sin a' deanamh ciseáin." "Ní ghnídís sin buille maitheasa a' bith eile fadó, ach a' caoladóireacht a's a' ciseadóireacht, a's díol chléibh a's ciseáin inGaillimh."

Ciste = ainm-fhocal, firinscneach; iolraidh cistí
(i) airgead nó éadáil nó pruchóg a bheadh faoi dhraoidheacht sa talamh (ar seo is mó a tugtar anois é) (ii) maoin; airgead tirm; cuid.

"Tá ciste faoi'n leic sin adeir siad." "Tháinic neach go dtí é trí oidhche imbéal a chéile, a's dubhairt sé leis go raibh ciste faoi chac mada sa bPáirc Eirbh, ach fear de mhuinntir Droighneáin a thabhairt leis, dhá thóruigheacht. Dheamhan caidéis a chuir mo shean-athair air, ní ba mhó. Tá'n ciste 'san áit chéadna fós."
"Tá ciste aige in áit eicínt, le na mbíonn d'airgead aige, a's shílfeá, é, gan slighe a' bith ó Dhia anuas." "Fuair sé ciste eicínt, le goirid, a's chomh fairsing a's tá airgead aige. Tá puint in a spré-mhóin aige." "Meastú cá gcoinnigheann sí an ciste?" "Deir siad go bhfuil ciste thar a chéile annsin thoir inGarrdha na hUilleabhair [Il-iubhair?], ach go bhfuil siad faoi dhraoidheacht." "Is minic ariamh a chuala mé go raibh ciste annsin, ach nach raibh aon-ghoir ag aonduine é 'thaobhachtáil ag cut atá in a chíonn." "Fhobair ciste a bheith faighte ag mo sean-athair 'sa gcnocán sin thiar. Neach a tháinic go dtí é a's adubhairt leis a dhul ann, ach ní dhearna sé a chomhairle, arae is fear de mhuinntir Dh. a thug sé leis i leaba C. Bhí leac a' phota nochtuighthe aca(b), nuair a tháinic an marcach — marcach a bhí chomh h-árd leis an aer — go dtí iad, a's d'fhuagair sé orra(b) staonadh. Sin é 'raibh na thimcheall. D'fhan a' ciste mar sin ariamh ó shoin, a's chreidim go bhfanfa, ar ar son se'aghainne."

"Níl ciste ná stór agham" = níl aon-airgead agham.
"Dheamhan aithne air nach ciste atá aghamsa, go bhféadfainn a bheith a' caitheamh aige 'chuile phuinnte." "Cá bhfaighead sé sin ciste ná stór riu, ar leacrachaí an Ch. Gh.!" "M'anam muise go bhfuair tú amach an té a mbeadh ciste a's stór aige, S. Ph. Mh.!" "Dheamhan ciste ná stór a thug sé as Meriocá. Má thug sé an chulaith éadaigh fhéin as, 'sé a chloch neart é."
"Má tá ciste agus stór aige anois, teastócha sé uaidh. Is mór atá aige, nó is maith an poll a chuirfeas spré a sheisear inghean ann."

Clab, claib, clabachán, clabaire, clabaireacht, claibín, claibín muilinn.
Clab = béal mór, béal mío-chumtha; ainm fonóideach ar bhéal duine; duine a mbeadh béal mór air; béal gan comhnuidhe; duine a mbeadh an iomarca le rádh aige.
Clabaire (: clabachán, go h-annamh) = duine a bhíos ar siubhal i gcomhnuidhe; duine 'mbeadh a dhá dhíol le rádh aige; duine a sceithfeadh rún nó dhéanfadh biadán, nó a leithid.
Clabaireacht = síor-chainnt; sior-mheilt cainnte; a scithleigeadh cainnte; creimireacht, biadán, cúl-chainnt nó a' leithidí.

"Dún do chlab" = éist do bhéal!" = "Dún do chaiseall!" = "Bí 'do thost." "Breagh nach ndúinfeá do chlab, a's gan a bheith a' síor-rádh i gcomhnuidhe." "Tá do chlab a' síor mheilt" = igcomhnuidhe a' cainnt. "Is ort atá an clab" = igcomhnuidhe a' meilt. "Mara stopa tú buailfe mé siar ar a' gclab thú!" "Is gránna an clab atá uirre." = béal mío-chumta. "Tá clab istigh annseo i gcomhnuidhe air, a' sluigeadh scéalta" = a bhéal an-oscluighthe aige, a's stiúir éisteachta air. "Tá a dhá dhíol le rádh ag do chlab mór." "Há muise, a chlab mhóir, is tusa fhéin nach bhfuil aon-fhascadh ionnad!" = nach gcoinneochadh rún. "Céard deir tú anois, a chlab mhóir!" "Dathócha mé na claib agaibh mara leige sib dhom." = cuirfe mé fuil orra. "Is uirre atá an clab truisc ceart" = béal fearacht béal truisc; béal fada, mór, mío-chumta. "Ní leas-ainm uirre clab truisc féin, arae tá béal uirre mar bheadh ar throsc." "Pé'r bith cé'n chaoi 'bhfuil mé níl mé in mo chlab truisc mar thusa!" "Má's clab truisc fhéin atá uirre, cé'n neart atá aice air. Mar sin a d'fhága Dia í." "Bhí clab truisc seo thíos ar cuairt ann, a's go deimhin má bhí fhéin, ní caoitheamhail í" = leasainm ingeall ar a' mbéal a bhí uirre." "B'fhurast' aithinte dhuit a chlab truisc, dhá mbeitheá gan aon-fheiceál ariamh cheana." "Nach mór a chaithfeá clab truisc a ghlaodhach uirre! Dheamhan iongantas a' bith gur tháinic cuthach uirre leat." "'Clab truisc seo thiar' adeir sé, a dhiabhail, 'sé atá indon í a chóiriú. Bhí mé in arainneachaí ag

éisteacht leis." "Is gránna é a clab — clab truisc bradach." "Clabaire ceart é sin." "Dheamhan a leithide de chlabaire a d'fheicfeá in do shiubhal lae." "Níl aon-ghna(ithe) agad rud ar bith a leigean leis a' gclabaire sin." "A' dteagann iabh a' bith ort ach a' clabaireacht?" "Bíonn sé ar aon-táirm amháin a' clabaireacht i gcomhnuidhe." "Ara leig de do chuid clabaireacht, a's ná bí do mo bhodhrú léithe. Dheamhan aithne ort, nach dtiubhra daoine áird ort." "Chaith sé an oidhche a' cainnt 's a' clabaireacht, a's gan goir ag aon-duine eile a bhéal a oscal aige." "InDomhnach níl gnaoi 'bith agamsa ar a chuid clabaireacht' sin. 'Chuile bhall aghamsa ach clabaire. Níor thaithnigh clabaire ariamh liom, thar chineál duine ar bith." "Beidh tú ar siubhal go dtuga mise luach do chuid clabaireacht' duit ó fhada go dtí é." "Dheamhan táirm a' bith a bhuail é a' clabaireacht go dtáinic sé sin isteach." "Tá déanamh maith d'uireasbha do chuid clabaireacht-sa agham, anois, bíodh 'fhios agad." "Ní clabaireacht a bhainfeas móin daoib — ní h-eadh sin!" "Cá'ide a chaith sé ar a' gclabaireacht siúd?"

Claibín = ainm-fhocal; iolraidh claibíní
Claibín = (i) béal beag; ainm fonóideach ar a' mbéal (ii) clár clúduighthe a bheadh ar shoitheach nó a mhacsamhail; clár

"Cá'r chuir tú claibín a' phíopa." "Ní bheadh aon-chlaibín píopa le spáráil agad. Tá mé thart cheal claibín le cupla lá." "Mara gcuire tú an claibín ar a' mbuidéal sin aríst, is gearr gur dóirtighthe a bheidheas a bhfuil de dhubhach ann." [Claibíní i leaba corc a bhíos ar chuid de na buidéil dubhaighe]. "B'fhurasta aithinte dhuit, dhá mbeadh aon-áird ar do ghna(ithe) agad, gurb shin é a d'eireochadh dó. Ní áit a' bith a leithide de rud a leagan ar forbhás ar chlaibín a' chomhra. Ceannócha tú ceann nuadh anois, muis!" "Árduigh claibín a' chomhra, a's caith isteach ann é." "Tá claibín a' chomhra sníomhtha ag lucht cuarta, a' suidhe air."

"Cuir a' claibín ar a' gcuinneoig anois" [claibín na cuinneoige — clár a cuirtear síos in a béal, a's teigheann an luithne thríd]. "Ní comhnócha tú go mbrise tú claibín a' cheitil" "'Bhfuil aon-chlaibín le dhul ar seo? (: ceaintín. Ach clár a tugtar air go h-iondamhail, mara mbeadh indán's go mbeadh an ceaintín an-bheag). "Níor b'fhlearr do'n tobar sin thuas claibín i riocht's nach bhféadfadh na gamhna a dhul 'na ghoire." "Cá'r leagadh claibín a' bhacúis bhig?" "Meastú cá ndeacha an claibín a bhí ar a' gcanna petrol sin? Dheamhan déanamh dhá uireasbha aige ná cuid de dhéanamh."

Claibín muilinn = (i) rud a bhíos i muileann.
(ii) béal a bhíos a' síor-chur dhe; duine a bhíos aon-táirm amháin a' síorrádh igcomhnuidhe; clabaire críochnuighthe.

"Tá tú in do claibín muilinn le cainnt." "Ní fhaca me aon-chlaibín muilinn ariamh go dtí é. Dheamhan iabh a' bith a dhéana(nn)s a bhéal ach a' meilt." "Cé'n sórt claibín muilinn tú fhéin, nach dtiubhradh scíth do do theanga uair eicínt?" "Is geall le claibín muilinn é le na n-abruigheann sé, agus sé'n dá mhara 'chéile aige an fhírinne a's an bhréag." "Is mór a' náire dhuit é, 'bheith in do chlaibín muilinn mar sin, a's a liachtaighe duine is sine ná thú fhéin ag éisteacht leat, a's a' magadh fút." "Níor chuala tú aon-chlaibín muilinn in do shaoghal ariamh mar é, agus cé'n bhrigh, dhá mbeadh éirim a' bith in a chuid cainnte, ach níl, ná d-l éirim."
"Ní raibh smid a' bith aige i dtosach, le coimhightheas tá mé 'ceapadh, ach 'san am ar bhain sé amach, tháinic a' díle cainnte air in éindigh. Dheamhan a leithide de claibín muilinn a chuala tú ariamh, igcaitheamh do shaoghail." "Éist do bhéal, a's ná bí in do claibín muilinn i gcomhnuidhe. Shílfeá nar gheall Dia teanga d'aon-duine ach dhuitse, a shacáin!" "Dhá mbeadh duine ag éisteacht leis ar feadh lá fada faoi Fhéil San Seáin, dheamhan iabh a thiocfadh air, ach 'na chlaibín muilinn mar sin. Tá na daoine sáruighthe aige le neart cainnte."

Clársach (cláirseach? Leathnuighthear rs caol mar seo igCois-Fhairrge)
= ainm-fhocal, baininscneach
Clársach = (i) gléas ceoil, (ii) clóiste; cláistéar; rud mór leathan
mío-chumta [ní mór do'n rud a bheith leathan go h-áithrid].
Leathnóg [ní tugtar "clársach" ar fhear leathan, aindeoin gur ainm coitceannta
ar bhean é]

"Nach hí an chlársach d'iomaire í!" = ceapach mór leathan d'iomair{e.}
"Tá cion tighe idir 'chaon bhord dhíob. Deamhan bréag ó
chuaidh sé a' leagan amach iomrachaí ann, nach hé a rinne
na clársachaí fada fairsing'" "Tá clársach mhór d'iomaire
oinniún annsin thiar aige, nar bhain sé fós." "Chaith sé
amach clársach de smugairle." "Bhí 'chaon chlársach de
smugairle dhár chaith sé amach ar an teallach annsin an oidhche
cheana, chomh mhór, a's go bhféadfá a dhul ar snámh ionnta(b)."
"Díol cam ort, le áit do chlársach de smugairle a chaitheamh
anuas ar ucht mo choise!" "Is geall le dhul ar a' gclársach
d'fhiacail siúd aige, do sceallóigín tobac. Ní dhéanfadh sé
cangailt amháin dó." (= duine a mbíodh cangailt thobac thuas go
síorruidhe aige). "Ba mhór a' slacht uirre dhá dtarraingeadh
sí an chlársach mór siúd atá sa drad uachtair aice."
"Tá clársach mhór coise uirre, a's d'aithneochthá a lorg in áit
a' bith." "Mar gcuire tú tosach ar a' gclársach de bhróig sin
agad, is gearr go mbí do chois ar a' talamh." Diabhal
a leithide de chlársach de chruaich! Shílfeá dhá dteighthí dhá
déanamh d'aon uaim nach bhféadfaidhe leathnóg mar sin a
dhéanamh di." "Is diabhaltaidhe an chlársach de bhean í,
baile ó Dhia a's ó Mhuire uirre!" = bean mhór leathan.
"Má's reanglamán é fhéin, níl a' bhean mar sin. 'Sí an
chlársach í!" "A chlársach bhradach, breagh nach leigeann
tú dhom?" "Tá nimh craithte air, a's ní taise do'n chlársach
is bean dó é, ach an oiread." "M'anam nar shuadh an
t-oisbidéal mórán í. 'Sí an chlársach chéadna i gcomhnuidhe
í." "Bhí clársach de chailligh mhóir gróigthe sa gclúid ar
m'aghaidh, a's 'chaon osna aice. Shílfeá gurb uirre a bhí anshógh an
tsaoghail, a's chloisfeadh sí an dubhán alla a' corruighe 'na dheidh
sin."

Cleite = ainm-fhocal, firinscneach; uimhir iolraidh — cleiteadhachaí (: cleitiúchaí)
Cleite: (i) lorga nó fochann a mbíonn clumhach air. (ii) ladar; scéal

"'Bainne cíoch circe, a's é 'bhleaghan as adhairc muice a's cleite cuit
a chur dhá mheascadh'" = sin é an leigheas a thug fear a' chapaill
bháin do'n bhean a raibh a clann buailte síos leis a' treoch. Ba
leigheas do-fhaighte é!
"'Dhá mbadh páipéar é an talamh glas, cleiteadhachaí na n-éan a
bheith in a bpeann
Clann Aoibhinn uilig a bheith in a gcléir: dubhshlán a n-iomlán
An drúllán is lugha de phianta Ifrinn a chuir igcéill'."
[Pádraig adubhairt le Oisín].
"Tá an chearc sin an-ghiobach ó thuit na cleiteadhachaí di."
"Nach hí an eireoigín sin atá cuiltheach ó thosuigh na cleiteadhachaí
a' tuitim di" "Níl cleite ar a cruit nach bhfuil tuithte dhi le
seachtmhain" (: cearc). "Peann cleite atá aige" = peann a déanfaidhe
as cleite. "Dhá gcuirtheá i gcleite é, d'fhéadfá fabhairt
a chuir faoi shúil a' chapaill." "Níl an oiread agom anois a's
a shílfeadh i gcleite circe." [shílfeadh: thuillfeadh]. "Coinnigh
cleiteadhachaí na ngéadhbhadh." "Sin iad a' cleite is fhearr in do
sciathán fhéin" (= nó in do hata) = 'siad na daoine sin an dream
is mó a ghníos sochar duit, nó 'siad is uaisle nó is deiseamhla
dá mbaineann leat. "Nach hé Maitias an cleite is fhearr
in do sciathán, a's cé'n fáth a mbeitheá a' caitheamh a's
a' cáineadh air." "Nach bocht nach mbeadh sé a' déanamh
gaisce as na Céidigh, a's gurb iad an cleite is fhearr in
a sciathán fhéin iad." "Is mór a' t-iongnadh dhó a dhul a'
coireamhaint ar Nóra muise, ó's í an cleite is fearr in a
sciathán fhéin í. Ach is cosamhail go bhfuil an brochán
dóirtighthe!" "A Dhia dhá thárrtáil muis! Is iongantas é 'bheith
díbliú ar Mhac A. Uí Ch. 'Séard deir sé i gcomhnuidhe, gurb shin é
an cleite is fhearr in a sciathán fhéin." "Tá stróic mhór
leithid ann. Is maith leis i gcomhnuidhe a bheith 'cuimilt leis an
uaisle. Th'éis gur fearr atá na Br. faoi dhó, dhó, déarfa sé
i gcomhnuidhe 'na deidh, gur b'iad muinntir na máthar an cleite

is fhearr in a sciathán." "Dheamhan luach leithphighne 'mhaith a rinne a dearbhráthair ariamh di, a's má's fíor di fhéin 'na dheidh sin, sé'n cleite is fhearr in a hata é."

"Rug sé air, idir chorp, chleite agus sciathán, gur thug sé an tsráid amach dhó" = rug sé air mar bhéarfadh sé 'na ghabhail air; rug sé air "ar fad" "Chaith sé amach é, idir chorp, chleite agus sciathán."

"Ní dhearna sé filleadh ná feacadh, ach breith ar Sheán Mh., idir chorp, chleite agus sciathán, a's é 'leagan istigh sa gcarr."

"Béarfa mé idir chorp, chleite agus sciathán ort, mara ndúine tú do bhéal, a's caithfe mé amach sa bhfairrge thú."

"Chuaidh sé faoi gur árduigh sé suas é, idir chorp, chleite agus sciathán." "Dheamhan easna dhó, nach mbeireann ar a' gcapall idir chorp, chleite agus sciathán, a's nach gcaitheann sé amach thar sconnsa an gharrdha gabhann í. Tabhair fear ar sin!" [Maitias Ó Dubháin — "an fireannach lúthmhar" — a bhí in ainm's é seo a dhéanamh]. "Bhí sé meathta ag a' ngamhain 'n áit nach ngabhfad sé amach a' bhearna dhó, a's ná raibh ann mara mbeireann sé chuige ar a' ngamhain, idir chorp, chleite agus sciathán, a's nach gcaitheann sé amach thar a' gclaidhe é." "Dheamhan mac an éin a d'fhága sé sa teach, 'nar chaith sé amach idir chorp, chleite agus sciathán. 'Sé nach raibh i bhfad a' bánú an tighe."

"Chuir sé triúr póilíos leis fhéin glan-ascartha thar shlat a' droichid, idir chorp, chleite agus sciathán. Cá'il a' té a dhéanfadh anois é?" "Tá E. chomh láidir le tarbh. Chonnaic mise é lá an t-am a raibh an 'motor-bicycle' aige. Buaileadh suas air é thoir ag tigh D. a's bhí sé dhá sháthadh anoir chomh fada leis a' teach seo. Ba mheathta leis an sáthadh, a's dheamhan ceo a rinne sé, ach é 'árdú faoi'n ascaill, idir chorp, chleite a's sciathán, gur leag sé istigh ar an urlár annseo é!"

"Árduigh leat é, idir chorp, chleite agus sciathán as seo." "Fuair sé greim cúl cinn air, a's thom sé sa lochán é, idir chorp, chleite agus sciathán." "Má chloisimse

mórán eile sceaimhínteacht' agad, béarfa mé ort idir chorp chleite agus
sciathán, a's buailfe mé do smut amuigh faoi'n tsráid."
"Ba liopastach a' píle mná í, ach rug mé uirre idir chorp,
chleite agus sciathán gur thug mé anall treasna na carra í.
Is maith a chruthuigh mé uirre, a's a theacht tirm."

"'Cleite, cnáimh a's bí in do thost'" = seoruidhe as sean-scéal. Is minic
a chloisfeá é mar leath-fhocal.

"Nach maith a chaithfeá do chleite a chuir ann?" = nach maith a chaithfeá
do ladar a chur sa gcainnt? "Níor iarr duine 'bith ort
do chleite a chur sa gcainnt. Eatorrainn fhéin a bhí sé ó
thús, deire, go tosuigh." "Múinfe sin thú! Breagh ar chuir
tú do chleite ann." "A' gcloiseann tú an cleite atá
sé chuir ann anois?" = agús i gcainnt; leagan eile
ar chainnt; luighe na bréige a chur ar chainnt; sleid,
glis, nó streille eile a chur ar scéal. "Tuilleadh ghéar
do'n mhíádh aige! Is beag a h-iarradh air a chleite a chur
ann, luath ná mall, marach é 'bheith conórach, é fhéin."
"Dheamhan a' raibh an scéal ceart, nó go ndeacha
tusa cur do chleite ann" = a' cur bisigh nó leagan air.
"Ní cleite deas é sin, le tarraingt anuas i láthair
comhluadair. Agus ní abró(chth)á fiú's a's ''gcead do'n
chomhluadar', a's fios aghad na daoine gnaoidheamhla
a bhí ann!" "Ní minic cleite gnaoidheamhail tarraingthe
anuas ag a' gceann céadna. Bheadh sé sin beo a'
gráiscínteacht, a's a' radaireacht mar sin." "Níor
thaithnigh an cleite liom a tharraing sé chugam chor a' bith. B'fhurast
'aithinte go raibh fleasc eicínt dhá bhualadh." "Bíodh an scéal
ar a rogha caoi anois, ach ní leasócha do chleite-sa mórán é"
"Dubhairt mé leat gan do chleite a chuir ann beag ná mór,
nó go bé (: gurb é) an chaoi a millfeá an scéal ar fad, ach
chaithfeá do chomhairle fhéin a dhéanamh in a dheidh sin." "Ó
chuaidh tú 'cur do chleite chor ar bith sa gcomhrádh, go deimhin
ní slachtmhar a' cleite a chuir tú ann. Ní minic le tada ach
leis a' tútaighil a theacht as do bhéal."

Cleite cómhrádha, cleite cainnte = ughdar cainnte; an chainnt a bheadh dá scoilteadh, nó an scéal a bheadh tarraingthe anuas nó idir-chamánuidhthe; cas-chainnt thláth; ladar; ughdar sáruightheachta. "Cé'n cleite cainnte atá tarraingthe anuas anocht?" = cé'n scéal atá dhá phléidh. "Bheannuigheamar dhá chéile a's tharraingeamar anuas cleite comhrádha, a's níor airigheamar a' trathnóna dhá chaitheamh mar sin." "Dhá gcloisteá an cleite comhrádha a bhí ag an mbeirt ar a' teallach aréir, ní dhéanfá aon-mhaith go ceann bliadhna le gáiridhe." "Sin é an cleite cainnte muise, ab áil leis a tharraingt anuas chugam i lár mo chruadhóige." "Caithighidh tharaibh é, a's tarraingighidh cleite cainnte eicínt eile anuas — cainnt eicínt a mbeidh éirim innte." "InDomhnach is gnaoidheamhail an cleite comhrádha atá agaibh gan bhréig. Cé'n bhrigh ach go raibh sib ar faoistean tá seachtmhain ó shoin!" "Nach sílfeá gur seafóideach an cleite comhrádha é sin do bheirt mar iad. Is mór adéarfá le gasúir dhíthcéillidhe." "Ó 'chuala mé an cleite comhrádha 'bhí istigh ar a theacht faoi'n dorus dom, ghread liom aríst. Is beag a bheadh le deanamh ag duine oidhche áirneáin a chaitheamh ag éisteacht le sprus-chainnt de'n tsórt sin." "Tá sé 'cínnt orm abhras a' bith a bhaint as a' gcleite cainnte atá oraibh. Breagh nach a' cainnt ar fheamuinn dearg, nó ar phósaidheachaí, nó ar earrach a bheadh sib?" "Ní shin é muis an cleite comhrádha is mó 'thaithneochadh le A. B'fhearr leis sin a' nathuidheacht ná a' cainnt ar bheannuightheacht." "Nach hé an saoghal a d'imthigh, a's a liachtaighe cleite comhrádha a tarraingeadh anuas ariamh istigh ann (: idteach). Is fuar na ballaí atá ann anois." "Is mhór a' feall gur thug lucht cuarta cúl uileag do'n teach sin, arae is iomdha cleite comhrádha, a's greánn a bhíodh ann. Ach ó phós M. h-eirigheadh as an obair sin." "Ní mór dhuit a bheith ar do shon fhéin. Má chloiseann t'athair a' cleite comhrádha seo, spréachfa sé, a's dar fiadh ní milleán sin air. Do leithide de ghrabairín a bheith ar chainnt de'n tsórt sin!"

["bun chleite isteach" féach bun].

Chlaon-fheachaint: ainm-fhocal; baininscneach [foghar claon-fhiachaint] = fiaradh 'sna súile nó 'san amharc; an t-amharc a bheith ionntuighthe amach; radharc cam; amharc leath-taobhach; an t-amharc a bheith cruinnighthe.

"Tá claon-fheachaint ann." "Is mór a' mío-shlacht air a bhfuil de chlaon-fheachaint ann." "Tá claon-fhéachaint i leath-shúil leis — an ceann deas sílim — ach tá'n tsúil eile ceart." "Is mór a' babhta uirre an méid sin claon-fhéachainte, arae badh bhreagh an bhean a bheadh innte, marach é." "Tá claon-fheachaint ann, a's gealacán na súl le feiceál ar fad slán a' tsamhail." "Dheamhan uireasbha amharc' a' bith air, ach go bhfuil claon-fheachaint bheag ann." "Deir siad gurab é an t-ughdar atá le claon-fheachaint a theacht i bpáistí, má bhíonn siad i gcliabhán, in áit a mbeadh an ghrian a' teacht leathtaobhach orra(b). Baineann an solus stangadh as na súile. Ach dheamhan's móide a bhfuil sa méid sin, ach comhrádh daoine." "Feicthear dhom nar thug Nóirín an chlaon-fheachaint ó bhroínn léithe. Chonnaic mise í, a's í 'na naoidheanán, a's níor thug mé faoi deara aon-chlaon-fheachaint a bheith innte. Ach ní móide go mbeadh aon-tsunntas le tabhairt dó, i naoidheanán mar sin." "Is furasta 'aithinte duit é — fear na claon-fheachainte!" "Dhá bhfaghadh sí spéacláirí, ní bheadh an chlaon-fheachaint chomh feiceálach a's tá sí." "Shílfeá slán a' tsamhail, leis a' gclaon-fhéachaint atá i leath-shúil léithe, nach h-iad súile a chéile chor ar bith iad." "Nuair a bheadh sé a' breathnú, shílfeá gur a' breathnú indiaidh leath-taoibhe a bheadh sé, leis a' gclaon-fhéachaint atá ann." "Nar agruighe Dia orraibh é, 'bheith 'déanamh grinn faoi! Cé'n neart atá aige air, má tá claon-fheachaint fhéin ann? Nach shin é gnaithí Dé" "Ní a' baint fogha ná easba as é, tá an-chlaon-fhéachaint ann. Measaim go bhfuil éalang eicínt aige ar an amharc fhairis sin fhéin." "Nar thuga Dia dhi níos fhearr é muis má d'eitigh sí é, ingeall ar a' méidín sin claon-fheachainte 'bheith ann! Dheamhan a' sásóchadh a' saoghal cuid de na daoine. "Mícheál na claon-fheachainte siúd atá ag P. a bhí dhá innsean dom."

Cliar: ainm-fhocal. Ní thagann aon-chlaochmú tuisil air.
Cliar = clí-eire? = fead, piachán nó srannán a bhíos i gcliabh
a's i muinéal duine le slaghdán nó donacht; sórt fead ghoile.

"Tá cliar ann le seachtmhain." "Tá cliar aníos imbéal mo
chléibh." "Cá'id 'ó tháinic an chliar sin ionnad?" "Tá sé tinn
criotánach a's cliar ann i gcomhnuidhe. 'Sé mo mheas, go bhfuil
a chuid maitheasa ar iarraidh, an duine bocht." "Bhuail cliar
é annsin — cliar a' bháis." "Is fada atá an chliar bhradach
seo a bhaint asam. Ní mé a bhfuighinn buidéal a' bith le caitheamh,
uirre? Ba mhór a' leas dhom, dhá mbeadh sí dhíom." = Is
fada an t-achar atá an piachán nó'n srannán seo ionnam, a's
níl fhios agham, a bhfuighinn buidéal a' bith ó'n dochtúr, a
chuirfeadh ar gcúl í. "Dheamhan tionnabhar a leig mé as
mo cheann aréir, ag a' gcliar seo. Tá mé de'n tsaoghal
aice, tá mé sin." "Tá casacht a's cliar air anois, le
coigthidhis, a's dheamhan a' beag de'n duine bocht a' méid
sin, a's gan tuille dhá bhualadh." "Dheamhan leigheas ar a'
gcasacht sin, ach tugadh sí a seal. Bíonn cliar ar dhuine
go minic leis a' gcasacht." "Airighim mar bheadh ualach
i mbéal mo chléibh i gcomhnuidhe, a's dheamhan a' bhfuil
a' chliar a' scaradh liom chor a' bith." "Dheamhan crochaillí
ná réama atá mé a chur aníos, ach tá cliar orm
go h-acht a's go h-áithrid." "Thiocfainn ó'n gcasacht,
marach a' chliar a' bhío(nn)s ionnam. Scannróchadh sí
duine amanntaí, bíonn sí chomh gártha sin." "Ní fiú
biorán a' chliar sin, má tá tú taobh léithe. Ach is
olc í an chasacht." "Tá'n 'fliú' sin in a lionnán (= leannán)
agam ar fad, le goirid. Dheamhan a leithide de chasacht a's de
chliar a's tá orm! Ach grásta Dé, ní chuirfe mé as mo
chrioslaigh chor a' bith é. Tá sé do mo chothú, as béal a chéile
le dhá mhí." "D'airigh mé clochar a' teacht aníos imbéal mo
chléibh aréir, a's bhuail cliar mé, a's dheamhan bréag nar
shaothruigh mise an oidhche. Bhí sé 'na hóró lae, shul ó thuit
mo dhá shúil ar a chéile." "Tá cliar aníos in mo mhuineál
a's níl m'anáil a' teacht liom chor a' bith, aice."

Clifeartach: (cleithbheartach?) = ainm-fhocal, firinscneach. Uimhir iolraidh a's tuiseal gein. aonda — clifeartaigh.
Clifeartach: cleathaire; cleith mhór sínte ascardha d'fhear. Is iondamhail é bheith gan aon déantus maitheasa.

"Is diabhluidhe an clifeartach d'fhear é." "Tá clifeartach de mhac mhór aige — bail ó Dhia a's ó Mhuire air! — a's bhuailfeadh sé a cheann thuas ar na fraghthachaí sin." "Sin é an clifeartach atá mór aghad!" "Dhá gcuirtheá slat ar pharráiste, ní bhfuightheá a leithide de chlifeartach sa méid sin. Tá féith ó na Fianna(bh) Éireann ann, a's chomh mór a's tá sé." "Clifeartach gan déantús maitheasa a' bith é sin — seadh sin." "Ní cheal méide atá ar a' gclifeartach, dhá mbeadh a' cur leis ann: ach níl." "InDomhnach b'fhéidir go mb'fhearr faoi dhó deoruidhe beag bídeach ná clifeartach mór, mar é sin. Ní méid a dhéana(nn)s maith chor a' bith, ach a' cruadhas atá sa duine." "Chonnaic mé annsin thiar é — M. Sh. G. Dheamhan oiread do dhorna a bhí ann, a's ina dheidh sin, ní fhágfad sé aon-chlifeartach dhá mhéid sa tír, nach dtiubharfadh sé talamh dhó. Ní raibh ordlach bacaird ann ach iarann" = bhí sé chomh cruadh leis an iarann. Aindeoin nach raibh méid a' bith ann, ní bheadh mairg a' bith air cleathaire mór millteach a leagan. "Clifeartach gan mhaith gan mhaoin é sin. Ní thóigfeadh sé an teine de do chois." "Clifeartaigh móra millteacha 'chuile duine de'n dream sin." "Is dual do sin a bheith mór, ascardha. Ba diabhaltaidhe an clifeartach d'fhear é 'athair fhéin, 'ndéana Dia grásta air." "Is beag a' ghna(ithe) atá aige a dhul i dtréim leis a' gclifeartach siúd. Dhéanfad sé cuailín cnámh dhó d'aon-iarraidh amháin." "Déanfa sé sin an-chlifeartach fir, má mhaireann dó." "Dhonóchadh a' clifeartach sin duine gan aireachtáil, a's ní fhanann misneach a' bith aige, má ionnsuigheann duine de shinneán é." "Is furast' aithinte dhuit é — clifeartach mór fíonn-ruadh, a's cineál tarraingte ann."

Cló-stiúrtha: ainm-fhocal, baininscneach [níl aon uimhir iolraidh air.
Cló-stiúrtha = ceannús ceann; smacht; gan cead a gcomhairle fhéin;
guaim a bheith air, uirre etc. [Focal Achréidh é].

"Tá an-chló stiúrtha orrú" = smacht athar a's máthar.
"Tá'n chlann sin aige gan cló stiúrtha ar bith" = níl ceannús ceann a'
bith orra. "Dhá mbeadh aon-chló stiúrtha orru, (d)ar ndóigh, ní
ag imtheacht ar bhóithrí, mar sin de shiubhal oidhche a bheidís."
"Dhá mbadh ugamsa a bheadh an chlann atá aige, chuirfinn cló
stiúrtha eicínt orrú thar mar tá orrú: sin nó mharbhóchainn iad.
Tá an breathas críochnuighthe orru, seachas putaigh ar bith eili" (: eile)
"Siod é an fear a bhfuil an chló-stiúrtha aige ar a chlann
inghean, a's nach mbéarfa cead dóibh, corruighe
amach thar a' tearsa (: tairsigh) ó thuitfeas oidhche.
Daighean mé gur aige atá an ceart freisin. Istigh is córa do
'chuile chailín óg a bheith 'san oidhche." "Tá cúigear cleathairí
mac aige a's iad gan chló-stiúrtha ar bith, dhá bhfaca tú ariamh.
Má mhaireann dóbhtha, is gearr nach bhféadfa na daoine an
bóthar a shiubhal chor ar bith ucu (: acu). Is mór a' t-iongnadh
nach gcuirfead sé iad siod amach a' saothrú; seachas iad
a bheith a' baint na sála dhá chéile istigh annsiod aige."
"Níl cló-stiúrtha ar bith ar na scoláirí atá a' gabhail
chuig an scoil seo thíos, ó tháinic a' philibín de mháighistir
nuadh seo ann. Neart bata nar mhór dóbhtha sin le
na gceannsú. Tá an domhnuidheacht slat síos 'sna rosáin
sin thíos, dá mbeadh fonn ar iad a bhaint. Níorbh fhearr sa
mbealach iad." "Is furast' aithinte nach n-airigheann siad aon-
duine in a n-aice a choinneochadh aon-chló stiúrtha orrú, nó
ní bheidís ar a' gceird sin. Dual na druinne a theastóchadh
a bhualadh orrú sin. Ní chomhairleochadh a mhalrait iad."
"'San am ar casadh mise isteach, dheamhan cló stiúrtha ar bith
a bhí ar a' teach. Bhí chuile fhear in a chraiceann ar an urlár
ag iarraidh achrainn. Ba mhór an chontabhairt a bheith ab uil
siad chor a' bith." "Níl cló-stiúrtha ar bith ar a' duine
bocht ar an aimsir seo. Tá sé ag ól a's ag a' caitheamh
(: airgid) faoi 's tairis"

Cloch-neart, cloch phuis, cloch ghualann: ainm-fhocal; baininscneach [féach thíos, d'aile].
[I gciall (a) tugtar cloch-nirt amanntaí uirre. Clo is iondamhla 'sa
bhfoghar, marab í an chloch fhéin a bheadh i gceist. Bíonn an n i
neart séimhighthe. Cloch-phuis adeirtear in áiteachaí (Ros Muc, Camus etc.)
Cloch-ghualann in áiteacha eile (Achréidh) ach ní thagann an leagan
sin i gceist i gcéill (b)].
Cloch-neart [cloch-phuis, cloch-ghualann] = (a) cloch a thligeas
daoine ó scríb, fh'éint a bhfeicfidís, cé acu is faide
tligean. Caithtear amanntaí ó'n ngualainn í, a's
amanntaí eile ó ghabhal an dá chos. Is féidir í thligean de
rithte-reathach nó de scríb luim, 'réir mar 'shocróchas an comlán caithte.
Cuirtear pitseach nó comhartha 'san áit a dtagann 'chuile urchar le
talamh.
(b) dícheall; sáith; ar a chruadhchúis; racha sé rithte leat, leis etc.;
tá sé cruadh aige, agad etc.; tiubhra sé cnáimh le creinneadh dhuit
dó etc.; do shean-dicheall; cuirfe sé go dtí snaidhm a' rópa thú, é etc.
[cloch-neart (b) = crobhneart?].

"Tiocfamuid a' caitheamh cloi(ch)e-neart." "Seo é an giodán
a mbíodh a' tír cruinnighthe a' caitheamh cloiche-nirt roimhe
seo." "'Bhfuil aon-rath ort leis a' gcloich-neart?" "Sín
i leith agham an chloch-neart sin, go bhfeacha mé mé fhéin
léithe." "Dhá fheabhas é, dheamhan goir aige ar Sh. G. a'
caitheamh cloiche-neart." "Níor fhága sé tada in a chomhnuidhe
ann fhéin leis a' gcloich-neart, a's dhá mhéad de bhromaire
é in a dheidh sin, d'fhéach sé í 'chur chomh fada le M."
"Cáide a chuir tú an chloch-neart?" "Caitheamuid (: caitheam)
urchar cloi(che)-neart!" "Is diabhluidhe go h-éag an
t-urchar cloi(ch)e neart atá aige!" "Mo chuach annsin thú!
Is agad atá an ghna(ithe) breith ar a' gcloich-neart,
bail ó Dhia ort." "Bhí daigéad mhór de chloich-neart
ann, a's dheamhan craitheadha a fuair sé innte, ach
an oiread a's dá mbadh miaróg (: méaróg) de'n
bhóthar í." "Is beag a' ghoir atá aige ar an urchar atá ag
T. Ph. le cloich-neart." "Má theigheann sé seo ar

chaitheamh na cloiche-neart, bail ó Dhia air, cuirfe sé 'sna gatha seití í" = ní bheidh sí le faghail chor a' bith in a dhiaidh. "Le urchar gualann is fhearr é, a' caitheamh cloiche-neart." "Caithfeamuid an chloch -neart thíos fúinn." "Is áidhbhéil uaidh urchar cloiche-neart a chaitheamh ó na ghualainn." "Ná déan rithte-reathach a' bith leis a' gcloich-neart. Caith ó scríb í." "Má theigheann muid a' caitheamh cloi(che)-phuis, ní bheidh aon-leigean ann. Caithfidhear í chaith(eamh) ó scríb, a's duine bith a ghabhfas thar scríb, caithfe sé í 'chaitheamh aríst." "Bhain sé stangadh as a láimh, a' caitheamh clo(iche)-ghualann." "Bhí tosach mór agamsa orra(b) leis a' gcloich-neart." "Is beag a' mhaith dhaoib a dhul a' dréim leis sin, le clo(ich) phuis. Tá sé amuigh go fada." "Mara bhfuil mé amuigh, tá do mharc-sa crínnte agam ar chuma ar bith. Bígí 'fáiráilte' nó sin eirigidh as a' gcloich-phuis!" = mara bhfuil do mharc-sa scoithte agam, tá mé chomh fada leis ar aon-chor. Tugaigidh cothrom uaib, nó eirigidh as a' gcaitheamh ar fad. "Cuirfe mé mo rogha geáll leat, má theigheann muid a' caith(eamh) cloiche-neart go scotha mé d'urchar-sa gan stró a' bith. Céard a chuirfeas tú?" "Th'éis nach bhfuil sé ach cheithre bliadhna déag dheamhan ionga ná ordlach ag fear na seacht mbliadhna déag air, leis a' gclo(ich)-neart. Is furast' aithinte air, go bhfuil an mianach ann!" "Dheamhan morán a' bith eatorra(b) le cloich-phuis, ach má tá barr ann, 'sé J. Sh. is fhearr." "Caith an chloch-neart sin. Ar 'fheachaint a bheidh fhios é!" = ní bheidh fhios cé againn is fhearr go gcaithe tusa urchar chomh maith liomsa. "Ní shin é an chaoi le cloich-neart a chaitheamh ó'n ngualainn chor a' bith. Níl tusa a' cur deis a' bith ort fhéin léithe. Ar a' láimh atá tú a' cur an stró ar fad, i leaba, é 'chuir ar a' ngualainn a's ar a' slinneán. Anois b'fhéidir! Tá tú a' cur cosamhlacht chaithte eicínt ort fhéin!"

(b) "'Sé do chloch-neart a bheith an dá scór fós" = tá sé cruadh agad a bheith an dá scór d'aois fós. "Má tá sé dhá bhliadhain déag sé a chloch-neart é." "Bail ó Dia ort! Leathchéad bliadhain! Má tá sé an dá scór fhéin, sé a chloch-neart é." "Má tá an mhuc sin deich gclocha ar a cois, 'sé a cloch-neart é. Bíod sé buidheach, má fuair sé chúig phunta uirre. Chonnaic mise muca thoir ar an aonach indiu, a raibh dhá chloich a's trí clocha aca(b) uirre, agus is beag le cois na cúig phunt a chuaidh siad." "Má tá tonna féir sa gcoca sin, 'leabharsa sé a chloch neart é." "Níl 'píosa' istigh ar' fhuaid, nó má, sé a chloch neart é. Ach cá'ide le dhul 'píosa' fataí ar lán tighe!" [Comhairtear na páirceannaí a's na goirt in a 'bpíosaí' i gConamara. Is deacair a rádh áithrid cé mhéad é an píosa, ach gur sé phíosa a ceaptar do'n acra. Sin tomhaiseadh maolscríobach]. = níl an garrdha 'píosa' etc. "Is diadhachta dhuit a bheith a' clamhsán, 'scáth an t-achar a chuaidh tú. Má tá sé míle bealaigh, sé a chloch-neart é." = [bhí an gasúr a' casaoid faoi gur cuireadh ar aistear é]. "Meastú cé mhéad a fuair an sagart lá Nodlag? Déarfainn má fuair sé céad gurb é a chloch-neart é, ach measaim go ndeacha sé rithte leis." "'Sé do chloch-neart é, má scothann tú T. go mbeidh sé inGaillimh" = "tiubharfa sé cnáimh le creinneadh dhuit é 'scothadh." "Badh é a chloch-neart é an máilín a iomchur. Tharraingeochadh sé ba bodhra as coillte leis a' gcneadhghail a bhí air faoi." "'Sé do chloch-neart é, an garrdha a bheith réidhtighthe amach aghad an tseachtmhain seo." "'Sé a chloch-neart é ' bheith indon ag mac L. Dheamhan tada le reic aige uaidh ar chaoi ar bith" = thiubhradh mac L. cnámh le crinneadh dhó, a's le na bhualadh, ní fhágfad sé tada 'na chomhnuidhe ann. "'Sé a chloch-neart a dhul isteach. (D)ar ndóigh, níor tugadh 'vote' a' bith dhó, siar faoi Chonamara. Nach hé an ceann eile a fuair uiliog iad?"

Clóic (: cló-ghoic?) = ainm-fhocal, baininscneach. [Féach Foclóir Uí Dhuinnín — ní hé baileach an chiall chéadna atá leis, nó cuirtear malrait leagain ar a' gcainnt].
Clóic = stró; uireasbha; easba; ughdar casaoide nó ghearáin; ceal

"Níl aon-chlóic air anois" = tá sé ceart; níl easba ná uireasbha air; tá leis. "Dheamhan clóic ort anois. Beidh tú indon an oidhche a bharruidheacht, a's an foracún a d'ith tú." "Má airigheann sibh aon-chlóic air, b'fhearr fios a chur ar a' sagart dhó" = má airigheann sibh aon-árdú, aon-bharr nó aon-donacht air etc. "Seadh! Is beag a' chlóic atá uirre in a meall istigh annsiúd ar a' teallach." "Dheamhan clóic a' bith anois ort ná cuid de chlóic." "Ní fhéadfadh clóic a' bith a bheith ar Sh. anois, a's a bheirt mhac a' saothrú dólúm (: dolom). Is iomdha duine nach bhfuil pighinn ná bonn a' teacht isteach aige, a's a chaithfeas maireachtáil 'na dheidh sin" = uireasbha; ceal slighe.
"Th'éis a bhfuair sé (: sraith fhéir) d'amlú le seachtmhain, dheamhan clóic fós air" = níl aon-stró fós air; níl aon-bhaoghal lobhtha air. "Cé'n chlóic a bheadh air (: asal)? Nach bhfuil sé 'faghail greadadh le n'ithe, a's tá teálta annsiúd aige má thogruigheann sé a dhul isteach ann." "Ara cé'n chlóic fhuaicht a bheadh ortsa, do leithide de scrománach luath láidir!" "Tá sí trí bliadhna a's cheithre fichead, a's má tá fhéin, níl de chlóic fós uirre, ach nach bhféadann sí aon-cheo a léigheamh. Tá a h-amharc tugtha uaidh."
"Dhá mbeadh an lá a' caitheamh sceanna gréasuidhe, ní chuirfeadh sé aon-chlóic air siúd, ach feamuinn dearg 'fhaghail le tógáil." "Is beag a' chlóic ná'n mhairg atá ar a' gcuaille sin. Dhá mbeadh, ní ag imtheacht a' cuartaidheacht a bheadh sí" = donacht, contabhairt.
"Shíl mé, a's a raibh ólta aige, nach ndéanfadh sé abhaile choidhchin é, ach mo choinsias, is beag a' chlóic a bhí air 'na dheidh sin" = stró. "Tá clóic mhór air go deimhin! — fear a' bith a bhío(nn)s in a shuidhe le giolcadh na fuiseoige chuile mhaidin, a's é spréachta a' dúiseacht 'chuile dhuine eile sa teach."

Cloigis: ainm-fhocal, baininscneach, iolraidh — cloigiseachaí.
Cloigis = bean bheathuighthe, bhog, gan mórán stuaim ná guis; fear nó páiste mío-stuamdha, ciotach; ciotachán; dallarán; cloigneachán [ar mhná is minicí a tugtar é, d'aile].

"Céard tá tú 'dhéanamh annsin a chloigis!" "Droch-chríoch ort a chloigis bhradaigh, maran tú 'chuir an bhail ort fhéin!" "Furast' aithinte gur beag a' stuaim ná'n gus thú a chloigis!" "Glan leat as sin a chloigis, a's ná bí do mo shárú le do chuid seafóide." "Céard a thug suas annsin thú, a chloigis!" "Nach hé an chloigis mhío-stuam -dha é 'cur an tighe thrídh lasadh. Is maith an t-ádh a bhí orra(b) nar dóghadh fré chéile é gan aireachtáil." "Níor mhinic leis an slacht a dhéanamh, an chloigis." "D'eile céard a dhéanfadh sí an chloigis, ach na fataí a bhí curtha de leithrigh l'aghaidh an tsuipéir agam, a thabhairt do na laoghannta! Dheamhan meabhair a' bith fanta innte sin le goirid." "Ní fheicfeá an oiread cloigiseachaí cruinn ab uil a chéile, dhá gcuirtheá slat chruínn (chrainn?) ar Éirinn a's bhí thiar ann, indé." "Céard a chas an chloigis sin in do chomhluadar?" "Is beag a' mhaith a bheith 'cur chomhairle ar a' gcloigis sin. Dhá gcaithteá do theanga léithe, badh é an cás amháin duit é. Dheamhan mórán a dhéanfas sí choidhchin faoi shlacht, tá faitchíos orm." "Bagair ar a' gcloigis d'asal sin amuigh, nó déanfa sé steigearás de'n phota." "Fainic do chois thinn ar a' gcloigis sin, nó b'fhéidir gurab é an chaoi a seasfadh sé uirre."

Coideáin = aidiacht.

Coideáin = strainséara; coimhightheach; thar baile, thar tír isteach; strae.

"Beithidheach coideáin é" = ní ó'n áit seo é; beithidheach thar baile isteach é. "Chonnaic mé beithidheach coideáin thoir ar a' mbóthar indiu, pé'r bith cé leis é." "Ní fhaca tú aon-ghamhain coideáin thart 'sna bólaí seo le cupla lá, a dhuine chóir. Fuair mé tuairisc i S. Ú. gur facthas a' teacht aniar é." "Beithidheach coideáin é sin, a d'imthigh as áit eicínt. Ó thárla nach bhfuil aon-choimhightheas ag na beithidhigh leis, níor mhiste é fhágáil in a mbuil go dtagadh duine eicínt ar a thóruigheacht." "Tá uascán coideáin ar na caoirigh indiu. Maran as an gC. D. é, dheamhan fhios agham, cé'n taobh ar tháinig sé." "Chuir mé an madadh sa gcaora choideáin sin a bhí thuas i mbarr Sh. an lá faoi dheire, ach feicim thiar ar chuid (: talamh) Mh. indiu í. Tá sí a' locadóireacht thart annsin le seachtmhain, agus is diabhluidhe mór a' t-iongnadh, nach dtagann aon-tóir uirre feasta." "Ní bheadh aon-ghé choideáin, in éindigh le na géadhbha se'agaibhse. Airighim imthighthe le seachtmhain í, a's níl fhios agham ó árd-bhonnaidheachaí an chatmara, cá ndeacha sí, marab é an sionnach a thárlóchadh leis í." "Sin gabhar coideáin, pé'r bith cé'rb as ar thriall sí. Ach ní bheadh a' saoghal suas le na gabhair sin. Deanann siad imirce 'chuile phuínnte, a's ní cheannsóchadh a' 'bhfaca tú ariamh iad." "Ní le aonduine aitheantais an maol buidhe sin. Déarfainn gur ceann coideáin í, 'sa taobh seo." "Tá éan coideáin ar an ál se'againne le cupla lá — sicín roilleach. Measaim gur le muinntir bhárr a' bhaile í" = éan a rachadh ar imirce ó na ál fhéin go dtí ál comharsan. "Deir B. liom indiu go bhfuil éan coideáin ar a cuid cearc fhéin. Shanntuigh mé a rádh léithe, marach faitchíos go liobróchadh sí mé, gurb shin é an t-éan a rinne an imirce uabhair. Dheamhan i bhfad a chaithfeas sé ar éanachaí B. go dtuga sí an scian dó." "Ní casfaidhe aon-éan coideáin síos ar do chuid cearc. D'imthigh ceann de'n ál orm dhá lá ó shoin, a's feicthear dhom go raibh sí ro chuisneach ro-neartuighthe ag na franncaigh le na marbhú." "Níl ar ar gcuid cearc ach éanachaí coideáin

'chuile lá 'san aer. Tá na trí theach eile imbéal a' doruis againn, a's tá na cearca a' déanamh imirce 'chuile ré soluis. Sé'n 'chaoi mbíonn sé amanntaí, cinnean orainn iad 'aithneachtáil thar a chéile. Ach arsa tusa, 'ní ghabhann caraid cuid a chéile'."

"Bhí scliúchas achrainn eicínt ag tighthe bharr a' bhaile aríst indiu. Éanachaí coideáin a tharraing é. Bhí na mná ollmhuighthe amach ceart." "Ní de'n ál an sicín ghliadh-bhuidhe sin chor a' bith. Sé'n chaoi ar casadh in a h-éan coideáin ar a' tsráid í, scathamh th'éis an chuid eile a leigean amach.

Chuir muid tuairisc le 'chuile theach ar a' mbaile, a's dheamhan duine ar bith a tháinic in a coinne. InDomhnach d'fhága mise annsin í, nuair nar chuir aonduine bonn uirre." "Éanachaí coideáin iad na h-ealaí (nó 'na h-ealaidheachaí) 'sa taobh seo. Dheamhan ar facthas annseo ariamh iad, go dtí le cupla bliadhain. Deir siad gurab é an chaoi ar díbrigheadh iad de'n tSionainn, an uair a bhí an obair ar siubhal ann."

"Tá mé in m'éan chuideáin chríochnuighthe thoir annsiúd, gan duine aitheantais a' bith ingoir ná i ngaobhar dhom" = tá mé in mo strainséara, nó tá mé coimhightheach. Tá mé in mo chadhan scaithte i bhfad ó mo mhuinntir fhéin. "Éan coideáin í sin, cheapfainn, ach go deimhin, tá baladh an fhraoigh ar a' gcuid eile" = ta sí sin strainséara, ach ó'n bhfraoch nó ó'n sliabh an dream eile atá in a buil. Is furast' aithinte orra é. "Is furasta 'aithinte an t-éan coideáin. Níl fhios aige le siubhal 'sa gcladach." "Bhí fámuire thart annseo sa samhradh a's go deimhin ba éan coideáin críochnuigh -the é. Dhá bhfeictheá chomh buidhe chomh bealthuighthe a's 'bhí sé, a's na bruachannaí a bhí amach ar a chuid liopaí. Dar liom fhéin gur ó réigiún coimightheach eicínt é. Bhí an-chanamhaint air freisin." "Go deimhin is beag a bheadh le deanamh agam a dhul suas in m'éan choideáin go Conndae na Midhe, 'san áit nach bhfuil aithne ná eolas orm, ná fios ó Dhia anuas agham céard a dhéanfainn ann. Fuireocha mé scathamh eile

'sa tsean-ghrainsigh seo, pé'r bith céard a dhéanfas Dia liom." "Ní aireocha tú an chomharsa choidhchin go mbí tú in t-éan choideáin in áit eicínt, a's gan duine ná deoruidhe aghad le triall air." "Cé hí an t-éan coideáin? Nó meastú beirthe, cé'n sórt 'paint' é sin atá ar a pus aice? Dheamhan a bhfaca mise a mhacsamhail sin ar aon-bhean sa tír seo ariamh cheana." "Ní h-eadh. Éan coideáin é. Tá Béarla an-ghallda aige, a's bhí sé a' tabhairt sonntais do na claidhtheachaí a' teacht anoir, a's a' fiafruighe cá'r fritheadh na clocha a cuireadh ionnta(b)."
"Háirigheadh coideáin muid ingeall ar a' nGaedhilge. Marach sin ní thiubharfaidhe aon-tsonntas duinn ach an oiread le aon-duine." "InDomhnach chaithfeadh sé a bheith coideáin a's chomh gallda a's chomh galánta a's tá a chuid cainnte. Thar conndae isteach é ar chuma ar bith, a's thiocfadh dhó gur thar tír isteach é. Is maith an Béarlóir é M. Ph. Sh. Mh. a's corr-fhocal a bhí sé a thuiscint uaidh." "InDomhnach tá lucht na mbáiníní bán coideáin annseo indiu. Ní mór do duine 'collar a's tie' a chuir air fhéin feasta le bheith sa bhfaisean."
"Th'éis go raibh mé fiche míle ó bhaile indiu, dheamhan fear coideáin a' casadh liom ar mo bhealach. Daoine aitheantais uileag."
"Shílfeá go n-airigheann siad coideáin annseo muid, le na 'bhfuil de dhearcadh aca(b) orainn." "Airigheann na caoirigh eile coideáin í, a's iad a bheith a' tabhairt fuatha di mar sin." "Th'éis gur thoir ar a' mbaile sin a rugadh a's a tóigeadh mé, inDomhnach chreidim go mbeidhinn coideáin ann dá gcastaí soir ann anois mé. 'Chuile dhuine dá raibh ann le mo línn-sa, tá siad curtha nó imthighthe."
"InDomhnach bhí mé chomh coideáin aca(b), a's da badh aníos as Cúige Uladh a thiocfainn. Ach chreidim nach ughdar milleáin dóib é, arae cé'n aithne a d'fhéadfadh a bheith aca(b) orm, ach an oiread le scéal."

Coimhightheach = aidiacht, breis-chéim: coimhighthighe.
[Foghar = caoi-ioch. In áiteacha tá fuaim bheag idir an chéad siolla
a's siolla deireannach caoi-i-ioch].
Coimhightheach = i bhfad ó bhaile; thar tír amach; thar sáile; cúthal; i bhfad amach ingaol;
dorcha; dúnárúsach; neamh-theanntásach; as compás; gártha; áithbhéalta.

"D'imthigh sé amach 'sna tíreachaí coimhightheacha." "Tá beithidhigh
éigcéille, amach 'sna tíreachaí coimhightheacha, a's níl goir ag
aonduine a' theacht in a mbealach, gan é bheith stracluighthe ó
chéile aca(b)." "B'fhéidir do amhuis de'n tsórt sin a bheith
amach faoi na réigiúin choimhightheacha, ach níl a leithidí in
Éirinn." "Th'éis a' méid sin, ghlan leis as New York, a's
chuaidh sé amach i gceann eicínt de na státaí coimhightheacha
atá in iargcúil Mheriocá, a's níor frithead scéal ná
scuan uaidh tí (: ní) ba mhó. 'Chuile sheans gur cailleadh ann
amuigh é." "Go bhfeacha Dia ar do cheann a dhuine sin! Ba bheag
a' mhaith dhuit do chuid Béarla amach faoi na h-áiteachaí
coimhightheacha sin, arae níl aon-tSasanach ann." "Dhá gcastaí
isteach 'sna coillte coimhightheacha sin thú, ba mhaith a bheitheá ar do
mhaidí, as a theacht asta(b) beo. Tá siad lom-lán le
beithidhigh éigceille." "Go dtuga Dia ciall duit! Badh gearr le
dhul do phúcán ar na fairrgí coimhightheacha atá as seo go
Meriocá. Aon-liagán amáin aca(b) siúd, a's beireadh sé ar
do phúcán, chuirfeadh sí go toin puill í, mar d'fheicfeá
sliogán." [Fairrgí coimigheacha = fairrgí cithbhéalta, nó an
tseiscinn mhór. Bíonn fairrgí scréachta mar sin go h-iondamh-
ail, i bhfad ó chladach]. "Fuaduigheadh amach sa tseiscinn
choimhightheach é, 'siar ó Árainn, a's níor frítheadh
a dhuth ná a dhath ná a thuairisc ó shoin." "Ní fheicfeá
cíb de'n tsórt sin ach amach 'sna criathraigh coimhightheacha.
Aon-chriathrach a bhfuil cineáltas a' bith ann,
ní fhásann sí air" [Criathraigh coimhightheacha = amach
domhain i réim mhóir chriathraigh]. "Má chuaidh siad amach
faoi na tamhnachaí coimightheacha sin, caith sneachta ar
a lorg. Tá tú réidh leo(b)" = caoirigh strae.

"Is coimightheach a' duine é. Níl ceo a' bith, ach nach bhfágfadh sé do bhealach, nuair a d'fheicfeadh sé a' teacht thú." Dhá mbeadh sé níos coimhighthighe agham ná bhí sé, ní hé amháin nach raibh, níor cheart dó a dhul i gcleitheamhnas a leithide de chleas a dhéanamh orm" = níor cheart dó féachaint le na leithide de rud tútach a dhéanamh orm, a's bíodh sé gan gaol ná dáimh a bheith aige liom. "Is coimhthighthighe é liom, ná leis a' té nach bhfaca sé faoi dhó ariamh." "Ní feasach mé beirthe ná beo cé'n fáth atá aige a bheith chomh coimhightheach leis a' teach seo a's atá sé. Shílfeá nach araoid ná múisiam a' bith a chuir muid ariamh air, mara bhfuil indán's gurb é a bhealach é."
"Tá sí an-choimhightheach, an-dorcha thar dhuine eile."
"Dheamhan duine a chonnaic tú ariamh is lugha triollús ná é ar a' gcaoi sin. Tá sé an-choimhightheach." "Ní raibh duine ar a' bhfeadhain de'n teaghlach sin, nach raibh an-choimhightheach go deo. Dheamhan ann, ach go labhróchaidís leat chor a' bith."
"Measann tú céard is cor do Sheán ar an aimsir seo, nó an ro-choimhightheach atá sé le muid a thaobhachtáil." "Ní coimhightheach féin atá sé, ach buaileann daolannaí mar sin é amanntaí. Is mór a' t-ár é sin le aistighil." "Nach coimhightheach a' sórt duine é, nach dtiocfadh i láthair comhluadair. Feicfe tú gurb é an chaoi a mbeidh sé, nuair a thiocfas tuille dhá aois, ar a' gcaoi chéadna a raibh an t-athair. Ní hé a mhalrait de chosamhlacht atá air!"

"Is coimhightheach an aimsir í, le seachtmhain." "Ní fhaca mé aon-uair ariamh chomh coimhightheach léithe an tráth seo 'bhliadhain."
"Nach coimhightheach na laetheanta iad, i lár a' tsamhraidh thall." "Ní raibh an Márta anuraidh leath chomh coimhightheach seo. Thug sé an chéad choicís go breagh uaidh. Ach níor tháinic an oiread as an lá fhéin go maith imbliadhna." "InDomhnach má chothuigheann an uair i bhfad eile coimhightheach mar seo, is mór a chuirfeas sé an cur siar. Tá daoine nar ionntuigh spreab fós, mar nach raibh an aimsear in 'araidheacht." "Dheamhan mac an éin bheo in do thír nach

bhfuil a' casaoid (: ar shlaghdán, nó tinneas) a's ughdar aca(b). Ach is suarach a' t-iongnadh sin, a's an aimsear a' cothú chomh coimhightheach a's tá sí." "Nach diabhluidhe coimhightheach an uair í: chuile lá a' baint fhearr a's bárr dhá chéile!" "Níor tháinic aon-Earrach go h-iomdhaí, is coimhighthighe é. Dheamhan Earrach a' bith, nach dtiocfadh cuid mhaith breac-aimsire, ach níl sé a' tabhairt lá 'bith uaidh imbliadhna. Ach ar chuala tú ariamh: 'seachain Earrach a' deagh-gheimhridh'. Níor tháinic aon-gheimhreadh le mo chuimhne-sa ba bhreaghtha ná é." "Tháinic na trí seachtmhainí nó'n choicís seo 'caitheadh an-choimhightheach, agus sé is dóigh anois, go mbainfe sé an ghealach seo as. Cá'ide go dteighe sí amach, nímé?" "M'anam gur fearr dhó fanacht idteas na pluide, a's an aimsir chomh coimhightheach seo, ná bheith a' tabhairt tsiocair dhó fhéin ag eirghe." "Ní fhaca mise, le mo chuimhne fhéin, ar chuma 'r bith uair chomh coimhightheach seo ann faoi Bhealtaine. Nach sílfeá gurb é dubhluachair na bliadhna é, le farradh a's fearthainn. Tá'n aimsear in a cithréabachaí ar fad, ní ceasacht ar Dhia é." "Tiocfa an-uair as an aimsir choimhightheach seo. Tá'n oiread báistighe caithte anois aige, a's gur tiormach go Samhain é. Cothramacan síne na h-uaire a mhic ó!" "Má tá an uair coimhightheach fhéin le fad, gheobhamuid tiormach dhá réir, as seo amach. 'Níl tuile dhá mhéad, nach gcaitheann sé an fhad eile a thrághadh', agus sin é fhearacht ag an aimsir é. Níor dhúin Dia ariamh bearna nach n-osclóchadh sé ceann eile." "Leabharsa is olc an uair ag cur í. Tá sí ro-choimhightheach. 'Bhfeiceann tú dasachaí (: gasachaí) réabtha as a lúdrachaí ag an ropadh seo? Mara n-eirighe sé as a' mbáisti(gh) is gearr gur dubhachan a fheicfeas tú amuigh as éadan. Ach mar sin fhéin, ní hé an gairbhshion seo is measa aige. Ba mheasa go mór uair mharbhánta, mhoirteamhail." "Tháinic cupla lá faoi Fhéile Sin Seáin anuiridh, a's bhí siad chomh coimhightheach le laetheantaí na Riabhaighe. InDomhnach fhobair gur fhuadaigheadh mé as a' bPáircín Áird annsin thuas!"

Coimhightheas: ainm-fhocal, firinscneach

Coimhightheas = dúnárus; dorchacht méine; cuthaileadas; fiadhántas; uaithbhéaltacht gárthacht; áithbhéaltacht; scáth; drugal

"Nach air a bhí an coimhightheas nach dtáinic isteach!" = scáth a's cúthaileadas [tá'n scáth i gceist ann, chomh maith leis an gcuthaileadas a's an dúnárus]. "Nach mór an coimhightheas atá air, a's a liachtaighe uair a bhí sé annseo cheana." "Dheamhan a chos a thaobhóchadh an teach le coimhightheas." "Má's éan cuideáin é, beidh coimhightheas air, go cheann cupla lá" = má's éan é a tháinic ar imirce ó ál nó ó theach eile, beidh scáth a's drugal air, aon-teanntás a dhéanamh go ceann cupla lá. "Ná bíodh coimhightheas ná cuthaileadas ort annseo, ach ith suas do dhóthain." "Is diadhachta dhó coimhightheas a bheith air anois. Tá sé in am aige a bheith taithighthe ar a' mbaile seo feasta." "Tá coimhightheas air fós, roimh na ngamhna eile, go dteighe sé in a gcleachta." "Marach a' coimhightheas atá air romhat-sa anois, mise imbannaí, go mbadh deacair cainnt a choinneál leis. Ach ní fhanann smid ná smeaid aige i láthair strainséara." "Nach beag a' coimhightheas atá ag an uan sin le daoine!" "Bheadh coimhightheas orm a dhul 'na ghoire, ingeall ar a' droch-thinneas a bhí sa teach" = drugal, doithcheall nó "conceit". "Tá na breaclachaí sin siar beo le coiníní anois, a's gan blas coimhighthis aca(b) le aonduine. Airigheann siad nach bhfuil aon-mhadadh de rath ar a' mbaile." "Déanann sé coimhightheas i gcomhnuidhe leis a' strainséara." = é scáthmhar nó dorcha le strainséaraí. "Caith dhíot a' coimhightheas, a's buail isteach. 'Ní bhíonn fear náireach éadálach' tá fhios aghad." "Fadó bhíodh coimhighteas ag chuile dhuine roimh(e) na sagairt, ach anois, dhéanfaidís chomh teann orra(b) le fear de'n bhaile." "Ghlac sé coimhightheas roimh an bpóilidhe a's siar leis sa seomra." "Rinne sí an-teanntás orm idtosach, ach shílfeá go bhfuil sí a' gabhail 'un coimhighthis liom le goirid pé'r bith cé'n fáth é." "Tá an oiread coimhighthis aige liom, a's a bheadh aige leis a' té is fuide uaidh sa tír. Dheamhan a' gceapfá go mbeadh gaol a' bith aige liom, a's chomh dorcha a's bhío(nn)s sé liom." "Má tá coimhightheas

aige fós leat, dheamhan a dtaitheocha sé leat go bráth" = má tá sé scáthmhar a's dorcha leat fós, ní bheidh aon-teanntás agaibh le chéile go deo. "Is beag a' dochar dhó coimhightheas a bheith aige leis an athair, a's chomh dúnárusach, dorcha a's tá sé fhéin."
"Nímé an doithcheall nó coimhightheas a bhí aige romhainn, nuair nar chuir sé mórán caidéise orainn!" "Bheadh an oiread céadna coimhighthis orm a dhul 'un cainnte leis, a's bheadh orm leis a' té nach bhfaca mé ariamh." "Is mó coimhightheas é ná'n dearbhráthair go mór, aindeoin nar fhága an dearbhráthair an baile ariamh." "Marach le coimhightheas rómhatsa faoi thú a bheith in do strainséara, mo choinsias, bheadh lán a' tighe istigh. 'Seo é an teach cuartaidheachta atá ag aos óg a' bhaile."
"Marach a' bhfuil de choimhightheas aca(b) leis a' madadh, b'fhurasta iad (: na caoirigh) a sháinniú, ach tá scéin ionnta(b) anois, aige. Bagair air, a's cuir abhaile é." "Fág a' bheatha annsin aca(b) a's ithidís fhéin í, má's breagh leo(b) é. Tá an iomarca coimhighthis orra(b) romhatsa anois." "Ghlac sí coimhightheas liom, a's ní thálfadh sí deor dhom. D'aithin sí in mo strainséara mé."

"Tá coimhightheas- eicínt ins an aimsir le seachtmhain" = aimsir ghártha fhiadháin í. Bheadh súil le deagh-aimsir an tráth áithrid seo de'n bhliadhain, ach droch-aimsir atá ann in a leaba sin, [mar aidiacht is mó a baintear leas as a' bhfocal, sa gcéill seo]. "Is diabhaltaidhe an coimhightheas atá 'san uair, an tráth seo 'bhliadhain. (D)ar ndóigh, is geall leis an ngeimhreadh é." "Meastú tuige an coimhightheas atá sa mí seo 'chor a' bith? Ní fhaca mé an mhí seo a' teacht chomh dona ariamh cheana. Ach b'fhurasta 'aithne é, a's an lá 'dtáinic an ghealach. 'Gealach Sathairn a's í 'thoidheacht sa bhFoghmar — uair sa seachtmhadh bliadhain, is maith leis a' máirnéalach í 'fheiceál." "Ní bheadh iongantas a' bith orm, arbhar a bheith lobhtha a's an coimhightheas atá 'san uair. Ní bhuachfa (: bhuadhfa) mise aon-phighinn go deo ar a' ngarrdha atá annsin thíos agham, arae tá sé scuirthe as éadan ag a' ngála."
"Ní leigfeadh an coimhightheas dó a theacht isteach. D'imthigh leis aríst."

Cóimhneas = ainm-fhocal, baininscneach [ní shílim go mbaintear aon-leas as 'san uimhir iolraidh]. Aidiacht as coimhneasach [Foghar có(mh)-neas, n séimhighte). [Focal Achréidh amháin].
Cóimhneas = comhgar, éascaidheacht, deis, goireacht, rud (áit etc.) a bheith freagarthach, nó éascaidh ar a shroicheachtáil [convenience]
Coimhneasach = comhgarach, ar éascaidheacht, freagarthach

"Dhá ndéantaí an scoil ag ceann a' bhóthair, ba mhór a' cóimhneas do na putaigh thoir é" = bheadh comhgar acu.
"Is mór a' coimhneas do na daoine an bus a bheith ag gabhail a' bóthar seo anois, seachas a bheith ag gabhail an bóthar eile."
"Níl cóimhneas a' bith dhá bhfaca tú ariamh annsiúd aige. Is mór a' t-iongnadh go bhfanfadh sé annsiúd, a's a fhusacht dó teach a dhéanamh ar a' ngiodán talmhan atá i bhfus le bóthar aige." "Ní bheadh locht a' bith ugam (: agam) ar an áit, marach nach bhfuil cóimhneas scoile ná teach pobail ann. Dheamhan scoil ná foghluim a bhfaigheadh (: gheobhadh: fuirm an Achréidhe) na putaigh ach an oiread liom fhéin. Ba mhór liom iad a coinneál as anois, a's gan iad ach a' tosuighe a' foghluim."
"Tá cóimhneas móna ann, ach níl dadaidh eile ann. Ach céard sin orm! Nach bhfuil siad in a ridirí ag bradáin! Níor dhúin Dia ariamh bearna nach n-osclóchadh sé ceann eile!"
"Is furasta dhóibh sin saidhbhreas a dheanamh ar bhainne. Tá'n cóimhneas Gaillimhe ucu (: acu)" = tá siad buailte ar Ghaillimh.
"Th'éis a bhfuil de chóimhneas 'san mbóthar sin, indar leat fhéin, gur beag a' bualadh atá air. Ach ní bheadh sé mar sin, dá "roll"áiltí é" = tá éascaidheacht nó cómhgar sa mbóthar sin, nó tá sé freagarthach, a's aindeoin sin, ní theigheann mórán daoine ná carrannaí etc. air.
"Is géar géar a theastóchadh bóthar a dheanamh annsin. Ba mhór a' choimhneas é, do'n dream a bhfuil talamh ucu suas i mbarr a' bhaile." "Níor thainic aon-choimhneas do'n tír ariamh, mar sin fhéin, mar a' traen. A mhic na nGrásta, is beag a' ghoir atá ag na busannaí uirre!" "Ó thárla gur chas Dia an cóimhneas ugaibh (: gluaisteán a bhí ag comhursa a's bhí sé go maith faoi na mharcuigheacht), bígí buidheach."

"Diabhal a' mór do'n duine bocht aon-chóimhneas dhá bhfuil aige, arae cé'n éitir atá ann anois. 'Ní mhaireann an rith maith do'n each igcomhnuidhe' (d)ar ndóigh." "Dheamhan cóimhneas agam ná cuid de chóimhneas ach na buinn. Ach dheamhan go dona de dhuine 'fhad's tá sé siad sin fhéin ar fóghnamh aige."

"Níl aon-choimhneas dhá raibh a' gabhail le teach ariamh nach bhfuil aige siúd. Ní raibh acra ariamh ag siúinéara ná ag gabha nach bhfuil aige. Má's í an tsnáthad mhálaí fhéin í, tá sí aige."

"Is mór an cóimhneas do na daoine margadh muc a bheith annsin thoir anois, seachas do lá a bheith diom(b)aluighthe ag gabhail ar aonach go Gaillimh. A's in a cheann sin, mara dtaithnighe leat féadfa tú a dtabhairt abhaile aríst." "Is mór an cham-srón -birín air nar deunadh (: dearnadh) an droichead siod anuraídh, arae ba coimhneas mhór dó é, leis a' gcairt a's leis a' gcapall." "Tá coimhneas maith ugainne ar a' mbealach sin, arae tá buailteoir i mbéal a' doruis ugainn." "Is mór a' cóimhneas iad na meaisíní buailte seo (: treshing machines), seachas an sean-acra a's an capall. Nach h-iomdha cor a chuir a' saoghal de, ó nuair a bhíodh muid dhá bhualadh le súiste. Chreidim dheamhan súiste sa tír anois. Ar chlocha a's ar chléibh a buailtear tae(bh) siar de Ghaillimh fós é." "Níl cóimhneas a' bith aige annsiúd. Nach bhfuil sé leis fhéin, mar bheadh éan na caróige." "Dar príosta má deuntar teach pobail annsin, beidh an-choimhneas amach (= comhgar thar cionn) ag a' gceann seo de'n pharaiste."

"Is deas an áit a deirigh léithe as a dheire. Tá'n baile siúd an-choimhneasach. Féadfa sí sciorradh isteach do'n bhaile mhór dhá cheann de ló." "Beidh tú coimhneasach annsin, a's féadfa tú aer a' bhaile mhóir a thabhairt duit fhéin 'chuile lá, a dtogrócha tú, ní hé sin do'n áit seo." "Tá Gaillimh coimhneasach do'n dream sin siar, ach is coimhneasaighe B. A. an R. annseo. Céard atá sé ach achairín beag as ceann dhá mhíle. Is ann is mó a theighea(nn)s muinntir na h-áite ag margadh."

Coinicéar: ainm-fhocal, baininscneach: iolraidh: coinicéir
tuiseal gein. aonda — coinicéarach (ach ní baintear leas as anois)
Coinicéar = (i) brocach nó ádhbhach, go h-áithrid brocach
coiníní. (ii) rud mór, teann teangmháilte go h-áithrid bean
má's bean a bhíos i gceist, samhluightear a' bhrúisceamhlacht léithe.

"Chuaidh an coinín sa gcoinicéar orainn, a's ní raibh aon
-ghoir aghainn é a chuir aisti." "Tá'n choinicéar sin ro-
láidir. Do cheann-fine, ní réabfadh ó chéile í."
"Dhá mbeadh firéad againn, dheamhan coinicéar beo aca(b)
sin, nach dtiocfadh sé innte, a's nach gcuirfeadh sé na
coiníní asta(b) amach a's deifir orra(b)." "Teirigh
ar shúil a' choinicéir a's ná leig isteach é a fhleasca(igh)"
"B'fhéidir dhá ndúintí súile na gcoinicéar sin, go
n-eireochadh cupla coinín linn, atá a' taithiú thart
ins na crícheannaí seo le goirid." "Ní raibh rith
searraigh fhéin le déanamh aige, ó dhúisigh muid é,
go raibh sé 'sa gcoinicéar, a's badh é ar ndubhshlán
é 'chur aisti sin." "Dhá gcuirtheá súil ribe ar
a' gcoinicéar sin thiar, ní bheitheá d'uireasbha
coinín." "Mara mbeadh girr-fhiadh sáinnighthe ceart
críochnuighthe, ní thiocfad sé in aon-choinicéar, a's
níl fhios agam a' dtiocfad sé innte an uair sin
fhéin." "Chuaidh sé 'fhoisceacht mbeannuighe Dia, dhá
bheith aimsighte ag a' madadh ruadh, a's é a' dhul
isteach béal a' choinicéir. Bhain sé fionnach as, ach
mar sin fhéin, thug sé a bheanna leis." "Ba
coinín idteannta é muis, marach nar eirig linn
a' puillín beag sin, ar a' gcoinicéar a dhúnadh."
(ii) "Is diabhluidhe an coinicéar de bhean í."
"Bhí coinicéar de chailligh mhóir as Conamara
gróigthe thíos ar a' teallach ann, a's í 'cur púir
thobac go dorus dúinte. Is mé a bhí in a dhiaidh
uirre, arae bhí mo theanga bheag amuigh d'uireasbha
gail an uair chéadna." "Is áidhbhéil a' coinicéar
caillighe a dhéanfas sí, ach a dtaga aois di. Nach
n-aithneochthá uirre cheana é!"

"Tá sí in aon-choinicéar amháin annsiúd ar a' teallach,
a's is uirre atá 'chuile anshógh má's fíor di fhéin, ach
is beag a' chlóic atá uirre in a dheidh sin." "M'anam
muise, má's leis a' choinicéar siúd a phósadh, nach
f'learr (: f'lár) dhó cathaoireacha níos
láidre ná atá aige a cheannacht. Tá sí siúd
h-ocht gclocha déag ar a cois, má tá sí
taobh leis." "Coinicéar mhór aniar ó shean-
chladaigh í, a tóigeadh ar bháirnigh, a's ar chnuasach
cladaigh. Nach bhfuil an oillteamhlacht a' briseadh
amach thríthe!" "Cé'n spré 'bheadh sé a iarraidh,
a's an choinicéar de bhean a fuair sé."
"Is dalba an choinicéar de bhean a dhéanfas sí, má mhaireann
di." "Má chuireann tú araoid a' bith ar a' gcoinicéar
siúd, ní bheidh agad, ach malrait, ní bheidh sin. Mar sin,
'sé mo chomhairle dhuit leigean di, ar fad. Níl buille ar bith
is fhearr ná'n buille réidh" "Is beag a' dochar dhi sin a bheith in a
coinicéar mhóir mhillteach. Sin é a maith a's a maoin."
"Ná pósadh tusa coinicéar mar í sin, nó ní bheidh tú indon
í 'bheathú." "Nach hí bean a' duine bhoicht í! — coinicéar
mór millteach" "Diabhal bréag nar buaileadh air í —
an coinicéar gan slacht gan dathamhlacht." "B'fhearr dhuit
coinicéar mná 'fhaghail in áit eicínt a chuirfeadh a'
t-Earrach thart duit, a's gan thú fhéin a chur síos
sa talamh le obair, an t-Earrach seo aríst." "Coinicéar
mhór mhillteach í, gan slacht gan cuid súl a' bith. Is mór
a' t-iongnadh gur phós sé chor a' bith í, fear chomh breagh leis."
"Tá ruibh uirre le olc. Coinicéar maith í. D-l bréag
nach h-eadh!" "Is beag a' soighleas a' coinicéar bradach sin.
A's ní mór léithe fhéin duine a' cur 'chuile chumaoin uirre."
"Is beag duine a bhfuil aon-ghnaoi aige, ar a' gcoinicéar sin,
a's (d)ar ndóigh ní h-iongnadh é. Cé a chuala an deagh-fhocal
as a béal ariamh?"

Coingbhéalach (coinneálach) = aidiacht
Coingbhéalach (coinneál) = cruadh; tíoghbhusach; barrainneach; cruinn baileach; gan dreabhlás; a bheith indon greim cruadh daingean a choinneál ar do chuid; gan flaisc ná failic a dheanamh ar rud.
[Go h-iondamhail bíonn sé mar leannán ag an bhfocal "cruadh", agus is annamh a baintear aon-leas as ar aghaidh fhéin, cidh gur minic "cruadh" as fhéin sa gcéill chéadna].

"Tá sí cruadh coinneálach, gar dhi fhéin" = tá sí cruinn baileach cumhang, a's is beag aice cá luigheann an bhróg ar an té údan eile. "Tá sí chomh cruadh coinneálach anois, muis, a's dhá mbeadh gan leithphighinn ruadh a bheith ar a fághaltas." "Bhí sí cruadh coinneálach, tíoghbhusach, a's níor mhór di sin ar shon an fhir a bhí aice. D'ólfadh sé an chloch íochtair." "Tá sí cruadh coinneálach caillte" = idteannta a bheith cruadh coinneálach di, bíonn an béal bocht uirre, a's is minic í a' clamhsán faoi'n a dhonacht a's atá an saoghal a's a slighe féin.
"Marach chomh cruadh coinneálach a's bhí ariamh, is fadó an lá a bheadh sí de dhruim tighe, arae chaithfeadh an chlann a dtiocfaidís suas leis." "M'anam nach f'leárr do na daoine a bheith cruadh a's coinneálach ar a saoghal atá ann, maran leo(b) a bheith d'uireasbha tighe." "Má chuaidh sí le na máthair, ba cheart di a bheith cruadh coinneálach." "Bhí sí cruadh coinneálach i gcionn tighe ariamh, a's tá 'shliocht uirre: 'bhfuil aon-duine sa tír a 'bhfuil an oiread bruighshléacht uirre léithe anois?" "Fear é a choinnigh crúb ar a chuid go cruadh coinneálach, 'chuile lá ariamh. Níor chaith sé le ól ná le dreabhlás é, ní h-ionann sin, a's tuille, atá a' casaoid a's a' clamhsán ar an saoghal anois." "Tá sé sin cruadh coinneálach a's go maith dhó fhéin. Deirimse leat gur beag a gheobhfas brabach air." "Dar mo choinsias, is tú atá coinneálach, má tá'n scilling sin aghad fós. Bheadh sí 'dóghadh mo phócaí-sa, go gcaithfinn í." "B'fhiú do dhuine a bheith coinneálach ar a leithphighinn fhéin. 'Tomsuigheann brobh beart a's líontar sac le póiríní' adeirtear." "An té nach mbeidh cruadh coinneálach bíonn a lear air fhéin."

Coinnleoir = (i) rud nó brionglán a gcuirtear coinneal nó crann-soillse in a seasamh ann (ii) buinneán caol, árd, lom de dhuine [coinnleoir = baininscneach. Foghar coinnleoir, coínnleoir]. (iii) Coinnleoirí — lucht coinnleoireachta [féach "coinnleoireacht"].

"'Teach mór, mór é, coinnleoir óir é, tomhais go tapa é, nó scaoil thart é'" [tomhais = na flaithis]. "Níor mhór liom coinnleoir óir duit a mhic ó, dhá mbeadh sí agham, ach níl ná aon-choinnleóir eile."
"Bhí na coinnleoirí lasta ar an altóir, ar a dhul isteach dhuinn."
"Is beag a' mhaith coinnleoir gan coinneal" [sórt leath-fhocal. Níl aon-mhaith sa slacht nó 'san ornáid d'uireasbha codach nó cur leis].
"Níl coinnleoir ná crann-soillse annseo" = níl rud ar bith ann le coinneal a chur ann.
"Nach hé an coinnleoir é!" = buinneán árd, lom de dhuine.
"Ní féidir gurab é an coinnleoir sin thiar atá sí ag dul a phósadh."
"Ní phósfad sí an coinnleoir sin muise, dá bhfaghad sí a mhalrait, ach dheamhan faghail." "Cá'r casadh An Coinnleoir leat?" [: leasainm ar bhrionglán de dhuine].

Coinnleoireacht: ainm-fhocal nó briathar. [má's ainm-fhocal baininscneach, tríomhadh díochlaonadh].
Coinnleóireacht = a' fáiteall ar éanlaith nó ar iasc de shiubhal oidhche, le fód coise, nó le mítheán dearg giumhasaighe. Le fóide coise, nó le coinnle nó le na lampaí nua-aosacha aibhléise a teightear a' coinnleoireacht anois, ach roimhe seo, ba fáideogaí nó coinnle ghiumhasaighe a bhíodh ag lucht na coinnleoireachta. Ghnítí mítheáin de na sliseogaí giumhasaighe. Cuirtí gad orra, a's leagtaí sa simléar nó ar a' matal, le stálú, iad. Déantar coinnleoireacht éisc ar linntreachaí nó áthannaí nó n-abhann chomh uain's 'bhíos séasúr an éisc ann, a's coinnleoireacht éan, i gcrícheannaí, indriseachaí, ingurráin, a's i ros-choillte a's i ndoireadhachaí. Bíonn slat-mhaidí nó maidí ar iomchur ag na "coinnleoirí", a's nuair a fhaghann siad leigean ar an éan faoi'n solus, tugann siad fadhb dhó le na mharbhú. Is minic a róstar an chreach nó'n conách coinnleoireachta 'na dhiaidh sin idir chorp chleite a's sciathán sa ngríosaigh.

"Fagh staic de mhaide a's fód coise go dteigheamuid a' coinnleoireacht 'sa gcrích driseachaí atá thiar sa 'mBrocaigh'." "Seo í uair na coinnleoireachta anois. Bíonn siad chomh deallruighte, préachtaí sin a's go ndeasócha siad leis a' solus, nó leis a' teas chreidim." "Ní fhágann an solus aon-spré amhairc 'na súile. Má bhíonn tú a' coinnleoireacht, dheamhan ort ach a' solus a dheasú isteach leo(b) a's fadhb nó fladhpar a thabhairt uait annsin." "Mharbhuigh mé céirseach a's socán d'aon-iarraidh amháin an oidhche faoi dheire a raibh mé 'coinnleoireacht." "Bhí siad a' coinnleoireacht ar an abhainn aréir, a's is beag a' fátall adeirigh leo(b) de bharr na coinnleoireachta cheapfainn." "Chinnfeadh ort aon-choinnleoireacht a dhéanamh anois ag maora a's ag báirseoirí éisc. Tá duine aca(b) romhat le 'chuile chor." "Bíonn a' dream sin siar a' saigheadóireacht nó a' coinnleoireacht chuile oidhche anois ó buaileadh síos ceann na maor. Dheamhan mórán áirde ag na maora eile orra(b), nidh nach iongnadh, ó thárla nach bhfuil tada dhá gcaillteamas fhéin leis." "Is olc a chruthuigh sib nach ndeacha a' coinnleoireacht anocht. Ba mhór a' solamar corr-rampaire breagh d'éan a bheith le n-ithe ag duine." "Ara cé thiocfadh a' coínnleoireacht a's muid gránuighthe ar mhairtfheoil" [aimsir na "mairtfheola"]. "Ag coinnleoirí atá na soillse sin." "Siubhail suas sa ros-choill anocht go ndéanamuid geábh coinnleoireachta. Ní fearr dhuit in do chomhnuidhe ná a' cabaireacht thíos ar theallach N." "An té a ghabhfadh a' coinnleoireacht ar a' gcruadhtan seo, dhéanfadh sé sladadh ar éanachaí." "Ní bheidhinn do mo mheath fhéin le cliabháin. Fág seo 'coinnleoireacht anocht, a's déanfamuid sléachtadh ar chéarsachaí 'sna breaclachaí sin síos." "Sin é 'bhfuil de bharr na coinnleoireachta aghadsa, 'chuile shnáth éadaigh dhá bhfuil ort a bheith stiallta, a's gan liobair leathair ar aon-láimh leat." "Thosuigheadar a' rúscadh a's a' sceannadh 'chéile faoi chreach na coinnleoireachta."

Coiriughadh, coireamhaint (: coireamhaint?), choireóchadh etc.
= briathar. [Mar ainm-bhriathar is choitceannta é, ach cloistear mar ghnáth-bhriathar freisin é.]
Ag coireamhaint = a' cáineadh; a' tromachan; a' caitheamh anuas; a' caitheamh a's a' cáineadh; a bheith sa mullach ar … ; a' biadán; a' cúl-chainnt.

"Coireocha sé ort, má dhéanann tú sin." "Choireochadh sé orm — 'sé a choireochadh — dhá bhfaghadh sé an deis, ach is mise fhéin nach dtiubhra an deis dhó." "Choireochadh sí sin ar shagart a' pharráiste, ní áirmhighim a mhalrait." "Is fhearr dhuit gan slighe chainnte a thabhairt di, nó coireocha sí ort le S." "Dhá mbeadh fhios agam, go gcoireochadh sí orm mar sin, ní chuirfinn chuice ná uaithe, ach dheamhan fios rúin ná soiscéil a bhí agam, gur duine de'n tsórt sin í."
"Coireocha sé ar a' gcliamhain leat, má éisteann tú leis, ach dheamhan a mbeadh fhios agad, dhá n-abru(ighth)eá aon-cheo leis, nach shéard a dhéanfadh sé a dhul ar ais, a's chuile smid a innseacht dó. 'Aon mhuinntir amháin iad Muinntir Árd-Raithin' bíodh fhios agad." "Coireocha sé sin, go maith ar chuile dhuine, ach ar a mhuinntir féin, ach mise imbannaí gurb beag adéarfas sé leo(b) sin, aindeoin go mbíonn sé fhéin a's iad fhéin in árachaí 'chéile chuile lá." "Ní choireocha sé ar aon-duine in mo láthair-sa, nó má choirigheann, cuirfe mise in a thost é, gan mórán achair. 'Sén rud is lughar liom beo, duine a chloisteáil a' chaitheamh a's a' cáineadh ar a chomhursa mar sin gan ughdar a' bith." "Coireocha sé go maith ar T. Mh. le 'chuile dhuine eile, ach is beag a' luath aige aon-cheo a rádh suas le na bhéal. In a leaba sin, a' brughadh air a bhío(nn)s sé." "Ní miste dhuit céard adéarfas seisean, ach ná coirigh thusa ar aon-duine leis. 'Sé 'mbeadh uaidh, a dhul ar ais aríst, a's an rud adubhairt tusa a innseacht."
"Ní maith go gcreidim go gcoireochad sí sin ar aonduine. Thar dhuine a' bith sa tír, níor chuala mé aon-duine a' rádh ariamh go raibh cúl a cainnte leis a' ngearrchaile sin."
"Is maith uaidh sin coireamhaint ar 'chuile duine, ach feiceamuist

fagh aon-bhrabach air in a dheidh sin." "A' coireamhaint ar a chomhursanaí a chaithea(nn)s sé a shaoghal." "'Sé a bhuac sin a bheith a' coireamhaint ar dhuine eicínt." "A' coireamhaint ar Mh. Mh., a chaith sí an oidhche." "Má fhaghann sí sin duine eicínt le dhul a' cáineadh a's a' coireamhaint air, tá sí sásta." "Nach mór a' t-iongnadh nach n-eireochthá as a' gcoireamhaint uair eicínt, as gan a bheith ar a táirm chéadna igcomhnuidhe a' sciolladh a's a' biadán ar a' gcomharsa." "'Sí atá indon a' choireamhaint a dhéanamh, 'san am a mbaineann sí amach." "Nach beag a' luath aige a dhul a' coireamhaint ar a mhuinntir fhéin?" "Níor tháinic iabh ar a bhéal, ach a' coireamhaint a's a' tromachan i gcaitheamh na h-oidhche. Dheamhan duine a d'fhága sé sa tír, nar tharraing sé thrídh n'fhiacla." "Nach gránda an faisean a thug sé faoi deara dhó fhéin, a bheith a' coireamhaint igcomhnuidhe ar chuile dhuine mar sin." "Bheadh sí sin thart, mara bhféadadh sí a bheith a' coireamhaint ar dhuine eicínt. Sin é a biadh a's a beatha." "'Sé an duine is lughar liom sa tír a fheiceál ar mo theallach é. Bíonn sé in a chlaibín muilinn igcomhnuidhe a' coireamhaint ar dhuine eicínt. Níl mórán duine ar bith, nach ndéanfa scathamh biadáin uair eicínt, ach is gránda an rud é 'choinneál seaduighthe igcomhnuidhe." "Is beag an ollóid a' creatúr sin. Níor chuala aon-duine ariamh é, a' coireamhaint ná a' cúl-chainnt ar aon-duine." "'Bhfuil faitchíos a' bith roimh Dhia agad, a bheith a' coireamhaint mar sin ar do chomharsa, go h-acht a's go h-áithrid?" "Tá'n gráin shíorruidhe saoghalta aice ar C. Mhór. Dheamhan lá 'bith nach gcaitheann sí scathamh a' coireamhaint uirre." "Tá'n brochán dóirtighthe aríst. 'Sé'n chaoi 'bhfuil fhios agamsa é, arae bhí M. ar cuairt againn aréir, a's chaith sé scathamh maith a' coireamhaint ar Sh. N., a's a' rádh gur scrataidhe gan mhaith a bhí ann. Sin é d'innseochadh dhuit nach bhfuil siad mór le chéile." "Má tá indán's go dtosócha sé a' coireamhaint orra(b), coinnigh thusa do bhéal ar a chéile, arae má abruigheann tú tada, is gearr ar sin an scéal a thabhairt ar ais chuca(b)."

"Ar a' mbean a chuireochadh C. ar fad" = is di a thabharfadh sé an milleán.

Coirpéis = ainm-fhocal; baininscneacha: uimhir iolraidh: cuirpéiseachaí. = colainn tighe; ceithre roithleánaigh an tighe; cheithre bhalla an tighe a's na beanna, ach gan a' ceann a bheith air.

"Níl déanta ach coirpéis a' tighe fós." "Tá moill air, shul (dh)á mbeidh ceann air. Níl a' coirpéis fhéin réidh fós, ní áirmhighim a' ceann." "Is gearr a bheidheas a' saor sin le coirpéis a' tighe, má fhaghann sé freastal." "Bheadh congnamh maith ar choirpéis a' tighe, in imtheacht sé seachtmhainí, ach an gaineamh a's na clocha a bheith ar bhall na h-áite." "Chaith siad saol a's aimsir le coirpéis a' tighe, ach ní raibh siad achar a' bith leis a' gceann." "Saor an-roighin é. Chaith sé ionann's ráithe a' déanamh coirpéise tighe Mh. Ph. ach b'fhearr liom sin fhéin ná cuid de na gobáin eile a rithfeadh air." "Coirpéis chló (: cloiche) atá sa teach sin." "An clocha nó 'simint' a chuirfeas tú sa gcoirpéis. Tá éascaidheacht a's saorgáil (saordháil?) 'san 'simint', ach ní bheidh an teach baoghal air, chomh teoluidhe le teach cló." "Coirpéis 'simint' a cuirtear 'sna tighthe ar fad ionann's anois." "A' bhfuil aon-bhaoghal ar a' gcoirpéis agaibh fós?" = "'Bhfuil sí ionann's déanta?" "Dhá mbeadh cupla cúrsa eile air, bheadh an choirpéis réidh, ach beidh moill ar a' gceann." "Rinne sé fhéin an choirpéis, ach b'éigean dó a dhul i gcostas leis a' gceann. Siúinéara aniar as G. a bhí aige le na chur suas." "Dheamhan mórán dola a bhí air chor a' bith leis a' teach nuadh. Rinne sé fhéin an choirpéis, a's chuir a' mac is sine suas cuid mhaith de'n cheann." "Níl mórán coirpéis' a' bith ag a' teach sin. Tá mé 'ceapadh gurb shin é an fáth a mbreathnuigheann a' ceann comh sínte air." "Dhá bhfaghainn seachtmhain eile, as éadan air, bheadh iarracht mhaith agam ar a' gcoirpéis, ach ní mór alúntas a dhéanamh do'n aimsir bhriste." "Níor thug sé a dhóthain coirpéise chor a' bith de'n teach sin. Sáthach cumhang a bheidheas a' chisteanach, feicfidh tú féin, nuair a bheidheas seomra bainte as 'chaon cheann dhe."

Cóirséad = ainm-fhocal; firinscneach; iolraidh: cóirséid [foghar cúr-séad]
Cóirséad = cochall timcheall an mhuiníl, a's leis an ucht a chlúdú [ní tugtar ar thada eile é].

"Cuir ort an cóirséad sin. Is mór a' teas do do mhuineál é."
"Chonnaic mé a' teacht aniar indiu é, a's striochlán (: streachlán) mór de chóirséad thimcheall a mhuiníl. Chaithfeadh sé go bhfuil sé ag éagcaoineadh slaghdáin aríst, a's é siúd a bheith air." "Bain díot an cóirséad sin chomh uain's 'bheidheas tú istigh, nó ní aireocha tú ort fhéin chor a' bith é, ar a dhul amach faoi'n bhfuacht duit aríst." "Cáid'eo 'thosuigh sé ag imtheacht in a cheannuidhe leis an gcóirséad dearg siúd?" [Is minic le ceannuidhe mála a leithide de bhall a bheith air]. "Tá sé chomh triollata air fhéin, a's nach dtiocfad sé amach an lá is breaghtha sa mbliadhain d'uireasbha cóirséid" = tá sé chomh h-aireach air fhéin, a's go mbíonn cóirséad air igcomhnuidhe.

Cabh = scamall nó fionn a thagas ar shúile eallaigh go h-áithrid ar chaoirigh, de bharr amlughadh a's deártain = dalladh mullóg = dalladh mogóg = magag (Achréidh)

"Tá cabh ar a súil." "Dheamhan a' fiú biorán an méid sin. Níl ann ach cabh, a's imtheocha sé aríst." "Buaileann an cabh cuid mhaith aca(b) ar uair mhóir mar seo, ach ní bhíonn aon-chlóic orra(b) leis, mara mbeadh sé an-dona go díreach."
"Nach hé an chaora agad é, go dtiocfadh cabh ar a shúil!"
"Thiocfadh sí ó'n gcabh, marab é an galra cám a bheadh dhá bualadh. Má's é, tá a cnaipe déanta." "Níl áit ar bith is measa ag an gcabh sin ná dubhrabhán fliuch a d'fhágfaidhe scathamh maith bán." "Cimín cnuic ab fhearr dóib an t-am seo 'bhliadhain. Ní hé an dubhrabhán sin agadsa an áit ab fhearr liom caora a fhaghail anois. Tá sé bun-fhliuch a's ní bheadh fhios aghad nach cabh a bhuailfeadh iad ann."
"Is furasta aithinte an chaora 'mbeidh an cabh uirre. Bíonn na súile marbhánta aice, a's scamall anuas orra(b). Deanann sí comhnú freisin mórán in aon-ghiodán amháin."

Cairt = ainm-fhocal, baininscneach, iolraidh: cairteachaí, cairteannaí

Cairt = (i) carr capaill — Achréidh, Conamara in áiteachaí. [gein. uathaidh — cairte, cartach]

(ii) craiceann nó rúsc crainn; ramallae nó brat salachair; mar bheadh ghlaeidh;

scráib bhealthuighthe; moirt shleamhain shalachair; grúdarlach; claimhe [gein. cairte]

(i) "Cuir an capall faoi'n gcairt." "Thug sé ualach cartach dhe leis."

"'Bhfuil aon-chairt aige anois." "Ar tháinic na cartachaí aniar fós leis

an bhfeamnaigh?" "Tá cairt agam fhéin dá mbeadh capall agham."

(ii) "De chairt crainn a déantar bróga mar sin adeir siad" = rúsc, craiceann

(annamh). "Tá'n cairt a' sceitheadh de'n chrann sin as éadan."

"Tá cairt ar do theanga." "Cuir amach do theanga 'bhfeice mé 'bhfuil

aon-chairt uirre." "Tá aoirde cairte ar do theanga." "Is furasta

'aithinte go bhfuil tú tinn, a's a bhfuil de chairt ar do theanga."

"Dhá mbeadh siaróib a' bith agham a ghearrfadh an chairt." "Tá mo mhuineál

calcuighthe le réama, a's mo theanga faoi chairt fré chéile." "Níl tú ar

biseach fós muis, a's a bhfuil de chairt ar do theanga." "Tá cairt ar

m'anam le peacaidhe." "Níor mhór dhom a dhul ar faoistean, lá 'bith

feasta, a's an chairt atá ar m'anam ó bhí mé cheana ann." "Mara

raibh sé ar faoistean muise ó'n lá fadó, tá ceart ag anam

cairt mhaith a bheith anois air, ní dhá roinnt leis é." "Tá cairt

ar a' tubán sin. Níor mór daoib é a sciúradh le uisce te." "Buail

scráib ar a' mbairille sin. D'fhan cairt air ó'n

'spray'." "Dhá leagtá méisín sháile faoi'n teas, d'imtheochadh a' t-uisce

in a ghail a's d'fhanfadh cairt shalainn ar thóin na méise."

"Aimsir spalptha sa samhradh, d'fheicfeá cairt shalainn ar

sheolta báid." "Tá cairt shneáidh in do chloigeann." "Tá an

salra chnis ionntu(b) mar bheadh cairt ann." = salachar ar chraiceann

beithidheach. "A bhobarúin, hebrí cá'r shuidh tú, tá cairt dhearg

agad ar do bhríste nuadh." "Fanann cairt in a dhiaidh sin, a's

ní féidir í 'bhaint as éadach." "Dheamhan stól dhá bhfuil sa

teach nach bhfuil cairt shalachair air." "Tá cairt shalachuir

ar chuile mhíle ball dhá bhfuil istigh faoi chaolachaí an

tighe. Caithfe tú a dhul a' sciúradh a Ph." "Tá cairt eicínt

ar a thoin seo. Shílfeá gur céir í, a's ní h-eadh, 'na dheidh sin."

"Tá a mhullach foiricighthe le gearbógaí, agus iad 'na gcairt

thirm fré chéile." "Níor mhór dhuit an 'cetil' (: kettle) sin a

a scalladh amach le airgead luachra mar tá a thóin uileag faoi chairt."
"Tá'n inchinn shléibhe caithte in a cairt ar a' sliabh. D'fheicfeá suas
annsin is 'chuile áit í" = ní fhásann sí mar phlanndaí eile, ach mar bheadh
cairt. "Tá'n ruille bhuidhe in a cairt ar thaobhannaí an tobair.
Is géar a theastóchadh é a chartad." "Tagann a' cairt sin ar
na locháin sa samhradh, in áiteachaí nach mbíonn cead reatha ag
an uisce. Uisce 'bith mbeidh cairt de'n tsórt sin air, cuireann
na beithidhigh suas de, mara mbeadh an-spalpadh tairt orra(b)."

Cóisir = ainm-fhocal, baininscneach, gein. aonda — cóisreach, uimhir iolraidh — cóisreacha, cóisreachaí (: "córsach", "cósrachaí" adéarfaidhe].

Cóisir = (i) scuaidrín nó mathshluagh daoine, ag damhsa, ag sochraide, bainis, tórraimh etc. (ii) cnuasach mhór, nó iomadamhlacht daoine, cártaí etc. (iii) cóisir shamhraidh — eirghe amach nó itheachán faoi'n aer sa samhradh. Is minic a bhíos cóisir shamhraidh faoi'n tuaith ag lucht na mbailtí mór. "Bhí an-chóisir bainse ann" = go leor daoine ag an mbainis; go leor carranna crannóige, marcach, gluaisteán nó eile. "Badh diabhaltaidhe an chóisir a bhí ar a' mbainis. Shíl mé nar thug siad an oiread sin cuiridheachaí chor a' bith." "Nuair a theighea(nn)s siad dhá dhéanamh déanann siad an-fhlaisc. Badh mhór a' chóisir bainse a bhí ar an inghin." "Badh mhór a' chóisir bainse í. Bhí carrannaí ó Mhullach an aird go dtí Gleann an Fhóidín, agus (d)ar ndú (: ndóigh) mo léan, bhí J. i dtosach cóisreach. Dheamhan gna(ithe) a dhéanfaidhe dhá uireasbha." "Badh mhór a' chóisir de shochraide a bhí uirre, 'ndéana Dia grásta uirre. Ach ba mhaith an aghaidh sin uirre: sochraideach maith a bhí innte fhéin." "Ná bac le cóisir sochraide! Bhí tír a's talamh ann." "Tá an-chóisir ag dul chuig an damhsa anocht." "Bhí cóisir mhór thórra(imhe) air." "B'áidhbhéil a' chóisir aonaigh a bhí thoir annseo indiu. Bhí an t-oireachtas daoine ann." "Bhí cóisir mhór ag an mbáire indé, adeir siad."

"'An áit a mbíonn an óinseach bíonn a cóisir ann'" = sean-fhocal = bailigheann go leor daoine timcheall oinsighe le bheith séideadh fúithe, nó a' déanamh grinn di. Is minic gurb é a leithide eile fhéin a bhío(nn)s na diaidh. [Amanntaí ciall gháirseamh -ail a bhíos leis]. "Dheamhan áit dhá mbíonn sé nach mbíonn plód cruinnuighthe air. 'An áit a mbíonn an óinseach, dar ndoigh bíonn a cóisir ann'." "A' faghail cuideachta air atá an mathshluagh sin. 'An áit a mbíonn an óinseach, is iondamhail dá cóisir a bheith ann'." "Airigheann siad buille bog 'san oinseoigín bhoicht. Marach sin, ní bheadh an saoghal bruigheanach 'na diaidh. 'An áit a mbíonn an óinseach, bíonn a cóisir ann."

"Ní bhíonn cóisir ar bith gan amadán" = leath-fhocal = ní bhíonn mathshluagh nó áit ar bith nach mbíonn leath-cheann ann, a bhfaghann a' cuid eile sugradh air. "Tá sé 'teacht a's a chóisir leis" = leibide nó duine adhartha a mbeadh dream ar a thí nó a' cothú na coise aige de ghrádh grinn; duine a leanfadh plód é ingeall ar rud ar bith. "Má thagann sé sin ar cuairt anocht, beidh a chóisir a' teacht leis" = buachaillí báire. "Shílfeá nach dteigheann tú in áit ar bith gan do chóisir a thabhairt leat." "Níl goir aige a dhul in aon-áit gan a chóisir a thoidheacht leis." "Is mór a' cóisir atá in a chosamar" = tá go leor daoine in a theannta. "Ní theastuigheann a' cut ná a chóisir uaimse chor a' bith" (: cut a's pisíní aige. Bhí páiste dhá shíneadh chuig a mháthair). "Ná tarraing isteach anois í fhéin ná a cóisir" [: cearc a bhí gasúr a mhealladh isteach. Dhá dteagadh sí isteach, dhéanfadh na cearca eile cách ar aithris]. "Fanadh sí fhéin a's a cóisir thuas 'san áit a bhfuil sí. Níl guth 'bith againne uirre, anuas" = duine a bhí in ainm's a theacht ar cuairt ó áit eile. Dhá dteagadh an duine sin, bheadh tuilleadh in a teannta a' teacht. "M'anam gur suaimhnighe a bheadh muid d'uireasbha a chuid cuartaidheachta chor a' bith. Ní bheadh doithcheall a' bith roimhe fhéin, ach a' chóisir a thiocfas leis!" "Fáilte an d-l roimhe fhéin a's a chóisir!" "Is maith nach bhféadfadh sé 'theacht gan a' chóisir a bheith dhá thiodlacan" = ní fhéadfadh sé a theacht aonraic. "Seo é isteach é, a's a chóisir dhá thíodlacan." "Ní fhéadann sé a dhul ar cuairt in aon-áit, nach mbíonn a chóisir dhá thíodlacan. Is mór a' chuideachta é, in áit a' bith." "Ní duine dhá cóisir mé" = ní bhím in a comhluadar; ní bhím ab uil sí, nó in áit ar bith in éindigh léithe. "Tá'n teach sáthach cumhang ag a bhfuil againn fhéin ann, a's gan é sin a's a chóisir a theacht." "Anois b'fhéidir! Seo é isteach an coileach a's a chóisir! Tabhair rud eicínt le n-ithe dóibh (: do na cearca) nó sceannfa siad istigh sa teach muid." "Ní bhfaightheá duine ar chóisir mar é" = tá bealach áithrid eicínt leis. "Cuirfe mé geall a' bith, nach raibh a leithide eile ar a' gcóisir."

"Bhí an-chóisir daoine ann" = mathshluagh mór daoine; broscán maith daoine.
"Bíonn an-chóisir ar cuairt ann 'chuile oidhche." "Is míllteach a'
chóisir pháistí atá ag (d)ul chuig an scoil sin thoir anois. Shílfeá nach
sílfidís (: dtuillfidís) ar fad istigh innte." "Tá an-
chóisir cailíní ag ceann a' bhóthair ann indiu. Agus níl uathab ach
'buailim ort' a rádh. Beidh siad chugad ar sheol na braiche."
"Chreidim go bhfuil cóisir mhór Ghaedhilgeoirí aige imbliadhna.
'S aige atá an ghna(ithe) dhíob freisin. Coinneocha sé neart
nathuidheachta leo(b)." "Tá an-chóisir cloinne aige, go leige
Dia slán na daoine!" "Is mór a' cóisir ban rioghalta
atá annsin thoir anois. Casadh triúr nó ceathar aca(b) orm
annsin thíos, a' lá faoi dheire, a's má seadh fhéin, is blasta
an Ghaedhilge atá ag cuid aca(b)." "Is diabhaltaidhe an chóisir
mhámhasaí a bhí agad an babhta seo" = "Bhí go leor mhámhasaí
in do láimh chártaí." "Chuir tú scailp nó rud eicínt is
na cartaí, nó marach buadhannaigheacht eicínt a bheith
agad, ní eireochadh cóisir mhámhasaí leat mar sin
chuile phuinnte." "Bhí cóisir mhór dhrámhasaí istigh an
'turn' seo." "Ba mhór a' chóisir righ-chártaí a
bhí agam, ach go mbadh drámhasaí uileag iad, cé's
moite de'n bhainríoghan." "Is tú a chuir an chóisir
triufasaí chugam! Triufasaí go tóin iad."
"Tá cóisir mhór spéireataí istigh an babhta seo."
"Nach diabhaltaidhe an chóisir acab atá ann! (: heairteasaí)"
"Fuair tú an chóisir leitreachaí indiu, shílfeá. Ní
raibh aon-cheo ar foghnamh (: airgead) in aon-cheann aca(b)?"
"Tá cóisir mhór cruacha móna ar a' gcnocán siúd, ach
seans go bhfuil a' baile uileag fúithe" = is leis a' mbaile
fré chéile an mhóin. "Is mór a' chóisir 'bicycles' atá
annseo. Chaithfeadh sé go bhfuil daoine thar bhaile isteach
ag a' 'time'" ['time' = céilidhe, spóirt]

Coit(ch)iannta: aidiacht [Foghar chuitiannta].

Coitchiannta: minic; acht a's áithrid; i gcomhnuidhe; iondamhail; iomadamhail.

"Bhíodh sé sáthach coitchiannta a' tarraingt sa teach seo roimhe seo, ach ní thaobhuigheann sé beag ná mór anois muid" = minic; iondamhail. "Tá an ceann céadna sáthach coitchiannta ar bhóithrí, i leaba dhá athair a's dhá mháthair smacht a chur air, a's é 'choinneál istigh = sáthach minic. "Ní thagann sé chomh coitchiannta, tigh Mh. Bh. a's a thagadh, ó cailleadh an mháthair." "Ní beag dhó chomh coitchiannta a's bhíos sé ag ól. Dheamhan fhios agham beirthe ná beo, cé'n chaoi a seasann a' t-airgead dhó, chor a' bith." "Bhíodh na cléitheogaí coitchiannta go leor roimhe seo, ach dheamhan ceann a' bith aca(b) a d'fheicfeá anois." = iomadamhail. "Tá sé an-choitchiannta leis a' bpoitín anois" = déanann sé iarranntaí an-mhinic." "Dhá choitchiannta dhá mbíonn sé idteach an ósta muis, tá'n saoghal a' féithiú leis. Daighean mise go bhfuil an oiread bruighshléacht ar a theach a's bhí ariamh." "Dhá choitchiannta, dá mbíonn siad in árachaí 'chéile, is maith a sheasfas siad le chéile in a dhiaidh sin, má thagann a' puínnte." "Bíonn sé coitchiannta go maith anois i S. Th. th'éis gur uair 'sna naoi n-áird, a thagadh sé ann roimhe seo." "Ní fheicim fear a' bith a bhío(nn)s chomh coitchiannta sa mbaile mór leat, nach mbeadh scéal eicínt aige de bharr 'aistir ach thú. Maran dhá gcoinneál duit fhéin atá tú!"

Bean choitchiannta: bean a bhío(nn)s d'aon-cheird le stríopachas. "D'imthigh sé ar na mná coit(ch)iannta" = chuaidh sé le dreabhlás a's drúis. "Tá sé imthighthe ar na M. C." "Teach mná coitchiannta" = drúlainn, nó áruis dhrúise. "Bhí sé coitchiannta go leor leis a' gceird sin." = bhí sé minic go leor leis an obair sin. "Dhá mbeadh éadáil 'sna cártaí, tá sé coitchiannta go leor leo(b)."

Colg, Colgach, Coilgní, Coilgneach

Colg = ainm-fhocal, firinscneach, uimhir iolraidh (nuair is féidir iolraidh a bheith air) cuilgní = (i) an crotal a's an cineál lócháin a bhíos fágtha théis eorna, cruithneacht nó seagal a bhualadh. ["Lóchán" a tugtar ar fhuigheall an choirce amháin, ní thugtar é ar fhuigheall eornan, cruithneachta ná seagail, aindeoin an amhráin: "D'imtheochadh an ceo agus an brón de mo chroidhe, mar imthigheas an lóchán de'n eorna le gaoith"]. (ii) eite ar dhéis eornan (iii) barrach garbh an lín. (iv) eiteadhachaí géara ar bhric áithride. (v) fionnfadh muiníl madaidh in a shlatachaí, a's é franncuighthe, nó "madaramhail", nó fionnfadh ar bith, ar a' gcaoi chéadna. (vi) olc, buile, buile chatha, buile a's báinidhe, cuthach, franncamhlacht, madaramhlacht, ingeallta, coipthe, ollmhuighthe 'un achrainn; oibrighthe.
Cuilgní: iolraidh de (ii), (iv) a's leithidí eile (ii) a's (iv) réamhráidhte.
Colgach (colgánta — annamh) = aidiacht as colg.
Coilgneach (cuilgneach) = aidiacht a's colg a's coilgne (coilgní).
[Baineann "colgach" go h-áithrid le (v) agus (vi) réamhráidhte. "Coilgneach" — is mó a bhaineas sé le (ii), (iii) a's (iv) a's a leithidí "colgach" = gairbhe nó olc intinne. Coilgneach = rudaí tadhalla nó teangmháilte. Nuair a bhíos coilgneach i gceist le olc intinne, agus is annamh é, tugtar le tuiscint go bhfuiltear ar tí na "gcuilgne" nó neart a oibriú — greim fiacal, crúcaí, (ingne), nó a macsamhail].

"Chaith sé an lá dhá ionnfairt fhéin sa gcolg." "Má ghníonn sé báisteach, beidh an tsráid in a ciseach ag an gcolg sin. Breagh nar chart sib suas 'san iothlainn é, as a' mbealach." "Is maith an leaba muc é an colg sin." "Ná bí do do romhar fhéin sa gcolg sin, a's dhá thárlú leat ar fud na h-áite." "Colg lín a bhí ann."
"'Tharraingeochaidís thríd an tlú gairmid é (: an líon) le na ghairmid nó a scóthadh nó leis an mbarrach agus an colg a bhaint dhe. 'Sé a mbeadh fágtha annsin, an chois, gan colg ná barrach, a's í an-mhín. Deiridís go mbíodh leigheas pian bhuilg sa mbarrach. Ní bhaistfeadh a' sagart fadó gan a' bharrach, mar sa gcolg a rugadh Mac Dé" [Sliocht ó Sh. Ó. Ch. a' cur síos ar a' líon].
"'Fear mín a's bean bhorb, a's Mac Dé 'na luighe 'sa gcolg'."
[Rugadh Mac Dé, adeirtear, sa gcolg. Bhí lánamhain ann, a's bhí

an fear sásta Muire Mháthair a leigean isteach, ach ní raibh a bhean. Is amhla a thúsuigh an leath-rann réamh-ráidhte]. "Mheil sé idir chrotal a's cholg a's a raibh ann í."

"Tháinic eorna amach annseo an bhliadhain cheana, a's is beag a' cholg a bhí chor a' bith uirre." "'Sé bhfuil le déanamh agad breathnú ar cholg na déise a's beidh fhios aghad ar a' bpuínnte é."

"Chuir an madadh colg ar fhéin liom" = d'eirigh fionnfadh a mhuiníl suas in a shlatachaí. "D'airigh an madadh easóg nó luch ann, arae chuir sé colg ar fhéin, a's d'ionnsuigh air a' smóracht, a's a' sméaracht faoi bhun a' chlaidhe." "Chonnaic mé an sceannadóir de mhadadh sin aige a' teacht amach, a's a' cur chuilg air fhéin liom, a's dheamhan a rabh fhios agam a dtiocfainn ar m'aghaidh nó ar mo chúl." "Ní mé céard tá aige ann. Tá colg air." "Gadhair an-fhranncuighthe an cineál sin. Is furasta leo(b) colg a chuir orra(b) fhéin, a's spréachadh." "'Bfeiceann tú an colg atá ar a' mbitheamhnach? Is beag a' tsiocair a gheobhfadh sé sin anois, go n-ionnsuighead sé thú." "Bhí sé istigh annsiúd i súil na h-áfaighe a's colg air; fé'int a dtiocfadh aon-ghadhar isteach chomh fada leis. Dheamhan bealach le é sin (: broc in áfach) a chur amach, ach neart deataighe a chuir faoi'n tsrón aige. Chaithfeadh sé treabhadh nó tiomáilt (: tiomáint) a dhéanamh annsin." "Ar a' dá luath a's a chonnaic an madadh é, chuir sé colg air fhéin, a's thug sé amhóg le na fhastú. Ach níor leis-sean (: cat) ab fhaillighe é, chuaidh sé de léim ghlan-eascartha sa gcrann, a's anuas as sin ní thiocfadh sé, dhá gcaithteá leis, go maidin." "Ná bac le madadh 'bith 'chuirfeas colg air fhéin le duine mar sin ar a' bpuínnte. Dheamhan mórán áirge é, le bheith in a ghoire."

"Tá colg ar mo dhuine" = tá sé oibrighthe; tá buile chatha air. "Ba bheag eile adéarfá, go dtagadh colg air." "Má chuireann tú colg air sin, dheamhan a' baile a chuirfeas aon-fhoighid ann. Mar sin, is fhearr duit leigean de'n nathaidheacht in am. 'Nuair is fhearr an sugradh, seadh is fhearr leigean dó' adeir siad." "Tháinic colg air, leis a' sagart, nidh nach iongnadh, arae bhí sé dhá chur idteannta críochnuighthe gan ala gan adhbhar."

"Bhuail cuthach a's colg é d'aon-iarraidh, a's gan aon-duine 'cur chuige ná uaidh." "Deirimse leatsa, má thagann colg ar a' mbruiththeach -án sin leat, gur deacair é 'mhíniú síos aríst. Dheamhan fear is measa ná é sin a casfaidhe leat in do shiubhal ionnsuidhe." "Ar a toirt a's ar samhluigheadh íocuigheacht leis, tháinic colg air, a's chuaidh sé i ngealta." "Má tá colg air, dheamhan neart aghainne air. An craiceann céadna ar théigh sé, fuaruigheadh sé aríst ann, má's breagh leis é." "Má chuireann tú colg air, dheamhan a bhfuil ar a' mbaile a cheannsóchas é. 'Bhfeiceann tú an chrobh láimhe a's an clár droma atá aige, bail ó Dhia a's ó Mhuire ar a' bhfear!" "Dar a shon go ngéillfinnse dhá chuid cuilg. Dheamhan scóchas a chuirfeadh sé ormsa, dá mbeadh sé ag gabhail le cuthach ar feadh na h-oidhche." "Shaghadfadh cuid is lugha ná sin é, a's ní hé an ríbín réidh é, deirimse leat, a's colg air." "D'eirigh sé suas chomh stonnach i lár a' tighe agus colg air, a's mhaithfeá do Dhia gan a bheith in a ghoire a's an teanga a bhí aige. Mhasluigh sé faoi a's thairis a raibh ann." "Níor mhaith dhuit aon-araoid a chuir air an uair sin, má tá indán's go raibh colg air, a's b'anna(mh) leis, nach mbeadh." "Tá colg nimhe air" = an-cholg.

"Tá cuilgní ar a' mbreac sin." "Seachain na cuilgní sin ort fhéin, Dia aithnighthear!" "Eirigh as! Is fánach an chaoi a bhfuileochadh na cuilgní sin ort." "Tá go leor cuilgne ar a' ngrainneoig." "Níl aon-bhreac i bhfairrge is mo cuilgní ná'n cluan mara. Cuilgní é as éadan." "Is beag a' (: de) chuilgní chor a' bith é an ballach. Tá sé mín le cuimilt." "Tá an oiread cuilgní ar a' droighean bradach sin, a's nach bhfágfadh siad liobar éadaigh ort" = deilgní. "Mara dtuga tú rí-aire dhuit fhéin ar a' mbreac sin, gearrfa na cuilgní thú." "Chonnaic mé gráinneog marbh annsin thíos ar a' mbóthar, a's na cuilgní 'bhí uirre briste ar fad." "Ní féidir breith ar bhod gorm le na bhfuil de chuilgní air, a's tá sé amhla le n'ithe. Is deacair solamar a' bith 'fhaghail air, le na bhfuil de cnámha ann." "Is géar na rudaí iad na déasachaí (: diasachaí) eorna sin, arae bíonn cuilgní ar an eorna, rud nach mbíonn ar a' gcoirce."

Colgach [colgánta — go h-annamh] = olc, madramhail, franncuighthe, meirgeach, oilbhéasach, goinighthe 'un achrainn; coipthe; ollmhuighthe; oibrighthe; corruighthe; colg a bheith ar rud. Coilgneach = cuilgne a bheith ar rud; géar; ruibheamhail; nimheannta; gaimheamhail; gaingaideach; colgach; franncuighthe; madramhail. [Féach l. 1].

"M'anam gur tú tá colgach ar bheagán adhbhair." "Duine colgach go leor é." "Tháinic sé isteach chomh colgach le na bhfaca tú go h-iomdha, a's thosuigh sé ag ullmhuchan achrainn ar a' toirt." "Níl maith 'bith dhuit eirighe colgach anois. Má tá sásamh bith le faghail aghad, is ar réidhteach é." "Tá sé colgach go leor, má baintear as é." "Marar raibh d'ughdar aige a bheith colgach, ach a' méid sin, inDomhnach 's furasta colg a chuir air. Dheamhan a bhfuil sé muise, ach in a thús. Sin é an méid." "Madadh sáthach colgach é, má airigheann sé duine coideáin, ach a' té 'mbeadh aithne aige air, dheamhan ar mhiste dhó a bheith ag dul faoi a's thairis go bráth, mar nach gcuirfeadh sé aon-araoid air." "M'anam muise gur h-olc an áit ar eirigh sé colgánta istigh i lár na n-amhus sin. Sin iad a' dream céadna nach n-éistfeadh i bhfad leis, go ndathuighidís an smot aige." "Dheamhan fear is colgaighe ná é sin ar a' mheisce, má cuirtear múisiam a' bith air!" "Dhá cholgaighe dhá bhfuil sé, muis, casfaidhear a leithide eile fhéin annsiúd air." "Is colgach an éadáil í siúd muis, le tarraingt in a goire beag ná mór." "B'ait liom a bheith ag éisteacht leat ag iarraidh an tighe air, l'aghaidh damhsa! Badh colgach a' stiúir a chuirfeadh sé air fhéin miosaim (: measaim)." "Má's colgach, ní contabhairteach. Dheamhan ann, ach a' spadhar beag sin, a's ó thláth(óch)as sé aríst, ní fhanann aon-chuimne aige air; ní fearacht a's cuid mhaith eile é." "Má tá sé colgach fhéin anois, cuirfe sé an daol sin fhairis, a's beidh sé aghad aríst ar sheol na braiche, mar bhí sé cheana."

"Níl aon-bhreac i bhfairrge is coilgnighe ná'n cat mara adeir siad." "Fainic do mhéir (: mhéar) ar a' sceannadóir de phortán sin. Ceadh nach bhfuil fhios agad, gurab shin é an rud is coilgnighe beo. Má bhaineann sé ailp asad, comhairleocha sin thú b'fhéidir." "Tá na ceanna cruacháin sin an-choiligneach, le breith orra(b)." "Ní fheicfeá rud a' bith chomh

chomh coiligneach leis an gcluan mara." "Sí'n ghráinneog an beithidheach is coilgnighe amuigh. Tuige nach bhfaca tú 'riamh na briogadáin ghéara atá uirre? Tá siad chomh géar le snáthadaí." "Buachaill coilgneach é an gliomach, go dteighe bannaidhe ann, ach is beag a bhíos sé indon a dhéanamh th'éis a dhichill, uaidh sin amach." "Tá cuid de na h-iascáin sin fhéin sáthach coilgneach, agus sáthach géar le bheith dhá láimhseáil. Diabhal bréag nach bhfuil." "Nach hí an eorna a bhíos cuiltheach, coilgneach thar a' gcoirce. Is suarach a' t-iongnadh gur aisti a déantar an braon broghach fhéin." = tá coirce, mín seachas eorna. Ní iongantas a' bith gur as eorna a déantar poitín [an braon-broghach = tús a' phota, na 'féins'. Tá sé láidir a's borb thar a' gcuid eile. Deir siad gur nimh é]. "Is coilgneach an éadáil iad na driseachaí sin, an tráth seo bhliadhain." = Tá deilgne orra. "Tá sé 'na dhris choilgneach chasáin romham is chuile áit dá dtugaim m'aghaidh, a's gan goir agam, mo bhéal fhoscailt, nach bhfuil sé in m'éadan." = tá sé mar threampán orm, nó bíonn sé in mo bhealach nó romham is 'chuile áit, a's bíonn a dhealg sáithte aige ionnam. "Sin í an dris choilgneach" = bean chantalach nimheannta; cantalóir de bhean a bheadh goinigthe 'un troda i gcomhnuidhe. "Is tú an dris choilgneach nach bhfuil neart tada a rádh leat, gan thú a bheith eirighthe suas in do choileaichín chuig na daoine." "Dheamhan dris is coilgnighe ná'n inghean is sine sin ann! Tá ruibh uirre." "InDomhnach, má tá ort a dhul siar 'sna breaclachaí sin, is coilgneach an áit. Tá sé druidthe le droighean is driseachaí, a's níl tada uaibhreach ann ach neanntógaí." "Is coilgneach a' breaicín é an bod gorm." "Tá'n t-iasc carraige sin ar fad coilgneach le n-ithe. Níor mhór do duine iasc mór le aon-tsubhachas ná aon-tsolamar a fhaghail orra(b)." "Tá na blatháin bheaga sin ro-choilgneach le n-ithe ag mo leithide-sa. Drad maith fhéin nar mhór dhuit le dhul na 'n-éadan sin." "Ní mór dhuit giaráin (: géaráin) ghéara má's leat tosuigh dhá n-ithe seo. Cnámha fré chéile iad." "Tá sí annsiúd sa gclúid, a's í chomh coilgneach le franncach

a bheadh sáinnighthe ag cat." "Ara muise is coilgneach an cárnán caillighe í!" = franncaighthe, olc, oilbhéasach. "Is coilgneach an éadáil í sin le póg a bhaint di, déarfainn." "Dheamhan bean níos coilgnighe le feachtáil a dhul in a crannógaí. Ní fhágfadh sí liobar leathair ort le na h-ingne." "Is coilgnighe é ná na h-easógaí fhéin." "Is coilgnighe é sin, le aon-láimh a leagan air na beithidheach éigcéill." "Dar leat fhéin, nach mbíonn dhá rud a' bith a bhío(nn)s chomh coitchiannta in éindigh idteach, le cat a's mada, a's ní bhíonn dhá rud a' bith 'na dheidh sin, is coilgnighe a bhío(nn)s le chéile ná iad." "Marbhfáisc ort, mar ghadhar, maran tú tá coilgneach!" "Ara, ní féidir dhó a bheith chomh coilgneach sin! InDomhnach shíl mise gur duine an-mhín é, ach 'sé m'eolas air é, arsa tusa."

Comaoin (cumaoin) = ainm-fhocal, baininscneach, geineamhnach — cumaoine
Cumaoin = deagh-cheann; oineach; gnaoidheamhlacht; córtas;
cúitiúghadh; aisíoc; malrait a thabhairt in ómós deagh-cheann nó
droch-cheann a caithfidhe le duine; gar; soighleas

"Marach go bhfuil mé faoi chumaoin aige fhéin cheana, ba
bheag a' baol ormsa a dhul leis indiu (: ag obair)." "Dheamhan
firnéad a' bhéil bheo istigh in do phobal nach bhfuil faoi chumaoin
do sin, ingeall ar é 'bheith 'na dhochtúr beithidheach." "Fear maith
i bpobal é. Tá chuile dhuine faoi chumaoin dó." "Meastú marach é
bheith faoi chumaoin dom ingeall ar an uair ar thug mé mo
chapall dó, a' ndeanfadh sé an méid sin gar dom. Baoghal
air go deimhin! Sin é an buachaill céadna gur deacair leis
soighleas a dhéanamh d'aonduine." "Dheamhan goir a bhí agam
é 'eiteachtáil, a's mé fhéin, faoi chumaoin aige-san cheana, a's
níor chumaoin bheag í ach an oiread." "An té
a dhéanfadh cumaoin de'n tsórt sin do dhuine, níor cheart duit
do shúile a dhúnadh air. Ach cé'n neart a bhí agham air, a's
an té a bhí in mo bhuil. Ní cheideonainn ar a dtug tonn
ar tráigh é." "B'fhéidir go ndéanfainn an oiread de
chumaoin duit uair eicínt. Ní hé deire an tsaoghail é a
dhuine chóir." "Well ní ag amhdú an uilc é, ach má thagann
an t-ógánach sin in mo línn-sa aríst go bráth,
diabhal mise ann go leagfa mé air. Ba
bheag an náire a bhí air, a's a ndearna mé de
chumaoin dó, narb fhiú leis a thoidheacht chuig sochraide
m'athar." "Sin é an chaoi 'mbíonn sé. Ní hé an té
is mó a ndéanfa tú cumaoin dó, is mó a mbeidh fonn
air cúitiú leat chor a' bith." "Má theighimse a'
déanamh cumaoine, dar príosta is do mo chomhursa é.
Is fada uaimse fear Mh. lá an anshógha."

"Chaith sé cumaoin liom" = rinne sé oineach orm; chaith sé
córtas liom; thug sé biadh nó deoch nó a macsamhail dhom; rinne
sé gar dom — gar eicínt a bhainfeadh le oineach go h-áithrid.
"Dheamhan cumaoin a chaith sé liomsa ariamh." "M'anam
muise, go gcaithfear cumaoin leat ann, má theigheann tú ann."

"Is tú an chéad duine a chuala mé riamh a' rádh gur chaith an ceann céadna aon-chumaoin leis. Tá sé sin chomh gortach daoitheamhail le 'nímé cé hé'." "Má tá indán's gur caitheadh cumaoin le aon-duine sa teach sin, muis, tá athrú mór ar a' saoghal." "Dheamhan mórán cumaoine a caitheadh linne ann, le go mbeadh beann a' bith againn orra(b)" = níor dearnadh an oiread oinigh orainne sa teach sin, a's go mbeadh call dúinn tada a thabhairt do mhuinntir a' tighe in a ómós." "'Sé'n chumaoin a chaithfidhear leat sa teach sin: goile géar a' dul ann: goile níos géire a' teacht as." = tá siad gortach faoi'n mbiadh. "'Bhfuil fhios aghad céard í a chumaoin sin? 'Cuireadh 'chuile dhuine blas a phighne fhéin ar a bhéal'." = ní thiubhradh sé dubh na frighde in aisce uaidh. "M'anam muise go bhfuair tú amach é, an teach a gcaithfí cumaoin leat! Tá'n teach sin 'fhearacht ag an áit a raibh an fear fadó: 'mara dtuga tú leat arán an lá 'mbeidh tú ann, beidh tú an lá sin i do throsca'." "Sin í cumaoin Ghiolla, fadó: 'an té nach bhfuil tobac aige, cuireadh sé giolcach in a phíopa'" = duine dar b'ainm Giolla adeireadh seo. "Diabhal aithne ort, nach cumaoin mhór a caitheadh leat ann, scáth cupán tae a thabhairt duit. Ní dhá bhuidheachtáil orrab é, is mór a' chumaoin a chuirfidís ar mhuinntir a' tighe seo, shul a mbeadh ar itheadar fhéin sa teach seo cúitighthe aca(b)." "Marar caitheadh de chumaoin leat ach a' méid sin, is suarach le rádh é." "Caithfe siad sin cumaoin go maith le 'chuile dhuine, ach le na nduine fhéin." "Chuir sé cumaoin orm" = "Chaith sé cumaoin liom" = rinne sé oineach etc. orm; rinne sé gar dhom. "Dar príosta dá gcastaí thoir ar an aonach liom thú, chuirfinn cumaoin eicínt ort, chuirfinn sin" = bhéarfainn ól, cion de bhéiréiste etc. dhuit. "Is maith mar a thárla! Ó casadh isteach anois thú, ní fhágfa tú ball na h-áite go gcuire mé cumaoin eicínt ort. B'fhiú dhom freisin!" "'Bhfuil fhios aghad, cé 'bhí strócántacht liom a' cur chumaoine orm indiu inGaillimh — M. Sh. Dh. Dheamhan mo chos a leigfead sé uaidh, go n-ólainn

pionta." "A Dhia dhá thárrtháil muis! Má bhí sé sin a' cur chumaoine ar aon-duine, is iongantas é. Dheamhan cneagaire gan crochadh, ach é sin." "Ní raibh aon-ghoir agam M. Ph. Ch. a leigean uaim gan cumaoin fhairis sin a chur air. Ba mhaith é fhéin faoi'n gcórtas." "B'fhurasta dó cumaoin a chur ar dhaoine. Dhá mbadh é a chuid fhéin a bheadh sé a chaitheamh, ba bheag a' lúth aige mórán failic a dhéanamh leis." = b'fhurasta dhó cumaoin a chur ar dhaoine, nuair nach raibh tada dhá chaillteamas féin leis. "Chuaidh cumaoin air ann, má b'fhíor dhó fhéin, ach áidhbhéil a bhío(nn)s aige leath na gcuarta." "Sin í an chumaoin gan chaillteamas — an chumaoin a chuirfeas sé sin ar aon-duine" = ní chaithfe mé mórán a' cur cumaoine ar aonduine, ach b'fhéidir dhó a bheith a' leigean amach leat go mbeadh sé a' cur chumaoine ort, nó a' déanamh gar dhuit. "Sin í fhéin an chumaoin gan chaillteamas — cumaoin Ph. N." = "sin í fhéin an chumaoin mar siúd." "Sin í fhéin an chumaoin mar siúd, an chumaoin a chuirfeas an péisteánach sin ar aonduine."

"Cúiteocha mé an chumaoin sin leat, le congnamh Dé 's Mhuire uair eicínt eile. "Níor chuir sé aon-chumaoin ormsa nach cumaoin í a cúitigheadh leis, a's dúinead sé a bhéal." "Ní cheideonainn ar a bhfaca mé ariamh, nach bhféadaim an méid sin fhéin cumaoine a chúitiughadh leis faoi láthair. B'fhearr liom rud a' bith ná beith in a chlé beag ná mór." "Thug sé cupla gailleog dhom, a's leis a' gcumaoin a chúitiú, d'iarr mé isteach é l'aghaidh leath-ghálún pórtair." "Níor mhaith liom an méid sin fhéin cumaoine a bheith orm gan chúitiú, uaidhsean go mór-mhór." "Dhá mhéad cumaoin dá gcuirfí ortsa sa teach seo, níor chumaoin chúitighthe í, a's a ndearna tú dhuinn." "Tháinic a' lá, ach níor cúitigheadh an chumaoin." "Th'éis gur thug sé na mionnaí a's na móidí go bhfeicfeadh sé inGaillimh aríst mé, d'fhan an chumaoin gan cúitiú!" "Chuir sé cumaoin mhór charthannais orm" "An chumaoin chéadna ort!" = déarfaidhe le slainte, eascainidhe,

buidheachas etc. é.

Seán: i gcíonn bhliadhna go ndéana tú é in do shaoghal a's in do shláinte!

Seumas: an chumaoin chéadna ort, a mhic ó! = an eascainidhe chéadna ort!" = "go mbadh hé dhuit!"

Pádraig: goirim do shláinte anois, a's saoghal fada go bhfagha thú

Maitias: an chumaoin céadna ort! = "aghaidh do shaoghail a's do shlainte leat!"

Peige: go dtóige an d-l leis thú!

Nóra: an chumaoin chéadna ort, gan díoghbhail gan dochar domsa, ná de mo chuid.

"Ba deas an chumaoin orm, th'éis a ndearna mé dhó, a dhul do mo bhualadh, a's do mo mhartrughadh, mar rinne sé!" "Is deas a' chumaoin ort é, inDomhnach, indiaidh teine a choinneál ar a theallach i gcaith(eamh) na bliadhna, gan oiread a's tú a iarraidh chuig an eirghe-amach." "Nach gceapfá-sa go mbadh olc an chumaoin orm, é 'tosuighe a' díbliú orm mar sin, a's ar chuir mé ann dó, ó thosuigh a chlann ag obair."

"Níor chumaoin dó, mise a bhualadh, a's a liachtaighe soighleas a's a rinne mé dhó" = níor cheart dó; ní raibh bualadh dlighte agam uaidh. "Níor chumaoin dom an oiread sin fhéin a dhéanamh dhó, a's chomh dona a's bhí sé fhéin. Ach is maith an rud maith in aghaidh an uilc."

"Gabhfa mo stór, an ród seo imbáireach
Beidh cnaipí airgid ar rustaí a lámha
Is measa leis mise ná 'dtiocfa a's ná 'dtáinic
Badh chumaoin dó, mar bheidhinn leis amhla."

[As "Thug mé grádh dhuit a's mé beag bídeach"]

"'Séard dubhairt an bhean a bhí a' cainnt nar cumaoin dóib tada a rádh le na C. (: sloinne), a's chomh minic a's líon siad a mbuilg. Ach ní bhíonn aon-chuímne ar an arán a ithtear"

"M'anam, muise nar chumaoin dóib a bheith doithcheallach le D., arae marach D. ní bheadh aon-teach as a gcionn, 'san am nach raibh aon-láthar i gceachtar aca(b), aon-phighinn a shaothrú." "Ní cumaoin duit a bheith mío-chontanásach ná dóroinneach (dóghrainneach?) le muinntir do mháthar. Sin

iad an cleite is fhearr in do sciathán fhéin a mhic ó." "Chuaidh sé sáthach gar dhomsa a rádh leis, nar chumaoin dó, a dhul i gcleitheamhnas S. a chaitheamh amach. Ba mhaith leis aige é, nuair a bhí an chruadhóg air." "Leabharsa ní cumaoin dó an t-airgead sin a ól, a's ar fritheadh d'anró a's d'allus a's de sclábhuigheacht dhá shaothrú. Ach cé'r mhiste leis. Ní eisean a shaothruigh é." "Níor chumaoin a' bith dhi, mo mhac-sa a mhaslú, a's marach í bheith in a streachaille, ní dhéanfadh sí é. Is minic roimhe seo, a rinne sé sin foghaint di." "Dar mo choinsias ní cumaoin dó, a dhul a' cainnt ar an airgead atá ormsa, a's a liachtaighe uair roimhe seo, nach raibh luach cloch mhine aige, ach léar (: de réir) mar bhínnse a' tabhairt dó. Ach is beag a' lúth atá aige, breathnú siar air sin, anois, ó thálta (: thárla) rud a bheith aige fhéin." "Ní cumaoin duit gan a dhul chomh fada léithe, a's bás a fir a chású léithe. Ba mhaith í fhéin, lá an andógha." "Dhá mbeadh sé in a shagart faoi chéad, níor chumaoin dó gan beannú dhomsa. Ba mhinic a bheadh a mháthair ar deire marach mise, ach ní móide go bhfuil fhios aige-san sin." "Dheamhan ar chumaoin dó í sin a eiteachtáil faoi aon-cheo muis, a's a ghoirdeacht cheana ó bhí sí fhéin a' tabhairt rud dó-san, ná dhá athair. Ach sin é an chaoi 'mbíonn sé, a mhaisce." "Má rinne féin, ba chumaoin dó, a mhanam. Is fada go mbí an oiread déanta aige, a's a rinne sé fhéin dó." "Má tá cion aige ar a' tsean-mháthair fhéin, is cumaoin dó. Marach an oileamhaint a thug sí sin dó, a's é 'na pháiste, dheamhan a' mbeadh beo indiu dhó. Chuaidh sé sáthach righte leis mar 'bhí sé fhéin." "Is cumaoin dó a bheith gnaoidheamhail len' athair. InDomhnach thóig sé go maith le scoil a's foghluim é." "Má tá sé moltanach fhéin ar a' gcliamhain leabharsa badh chumaoin dó. Dheamhan buille a bheadh déanta aige, marach a dtugann sé de laetheantaí isteach dó." "Is cumaoin di, aire mhaith a thabhairt do'n tsean-chailligh, a's a liachtaighe punt mór pinsean ar rug sí air dá barr." "Níor chumaoin dó, muinntear na h-áite seo a fhágáil 'na dhiaidh" = gan cuireadh a thabhairt dóibh.

Cumaoin do láimhe (cumaoin do láimhe fhéin) = an rud a thug tú (nó a thiubharfá) fhéin uait; malrait; cor in aghaidh an chuir, a's cam in aghaidh an chaim; buille ar a' mbuille; frith-bhuille; slat de do thomhas fhéin.

"Tiubhra mise cumaoin a láimhe dhó feicfe tú fhéin air" = bualadh. B'fhéidir dó mise a bhualadh cheana, nó thiocfadh dó gur faisean leis an bualadh. (le bualadh nó a leithide, is minicighe a baintear leas as). "Is maith an scéal duine eicínt a bheith ann le cumaoin a láimhe fhéin a thabhairt dó. Marach sin, dhéanfadh sé cis ar easair de na daoine." "Diabhal bréag muis, nar tugadh cumaoin a láimhe anocht dó fharras ariamh. Dar príosta ní hé an chéad duine é 'ionnsóchas muide arís." "Níl aon-chomhairleachan in a chíonn sin, ach comhairleachan amháin — cumaoin a láimhe fhéin a thabhairt dó. Maidir le dhul ar lághaigheacht leis, b'fhearr do dhuine in a chomhnuidhe." "Chreidim gur tugadh cumaoin a láimhe dhó aréir. Tuille ghéar de'n diabhal aige anois. Is fada sin a' teastáil uaidh, ach fuair sé an fear a thug dhó é, faoi dheire." "B'fhearr dhuit gan a bheith buailteach, nó gheobha tú an té a thiubhras cumaoin do láimhe dhuit as a dheire. Níl buille ar bith chomh maith leis a' mbuille réidh." "Níor cheil mise lúd mo láimhe air, ó fuair mé faoi mo neart é. Ach d'eile céard a dhéanfainn leis — cumaoin a láimhe fhéin a thabhairt." "'Cuirfe mise cumaoin do láimhe fhéin ort' adeir fear Dh. Fh. a' tarraingt scine amach, a's a' tabhairt farradh faoi." "Ó 'chas Dia agam é, tiubharfa mé cumaoin do láimhe dhuit" = in imirt chártaí, imreoir a bhualadh, a bheadh buailteach leatsa, nó bhuail cárta leat, ar a' gcaoi chéadna roimhe sin. "Dheamhan blas de'n ceart nach raibh agad leis; cumaoin a láimhe fhéin a thabhairt dó. Breagh ar chuir sé a sheadairín de chárta ann. Múinfe sin é fanacht sa mbaile arís." "Tuille ghéar chascartha de'n mhíádh ag Sasana anois. Pébrí céard a gheobhfadh sí, ní bheadh sí a fhaghail ach cumaoin a láimhe féin. Ba mhaith uaithe fhéin créatúlacht a dhéanamh."

Coimhfhios (i ngo fhios?) = ainm-fhocal, firinscneach.
Coimhfhios = as comhair a' tsaoghail; gan é 'dhéanamh ar chúla téarmaí; gan é a cheilt; gan é a chaomhamhaint; gan a dhul ar chúla an chlaidhe leis. [Foghar = cuibh-fhios]; i gcosárd.
[Go h-iondamhail bíonn sé fhéin a's "ingan fhios" i gcuideachta].

"Is cuma liom, é 'dhéanamh ingan fhios nó i gcoimhfhios, ach é dhéanamh" = ní miste liom é a dhéanamh ingan-fhios de'n tsaoghal, nó as comhair a' tsaoghail ach é a dhéanamh. "Dheamhan a' miste, leis siúd faoi'n' ól ingan fhios nó i gcoimhfhios, ach é fhághail len' ól. Tá'n dúil chráidhte aige ann." "Má's ingan-fhios nó igcoimhfhios a rinneadh é, nach hé an dá mhara chéile é anois. Tá'n dochar déanta, a's nach shin é 'bhfuil 'na thimcheall." "Cé'n uair a rinne siad sin an díoghbháil i gcoimhfhios. Is beag a' baoghal orra(b). Déanfa siad ingan-fhios é." "Bhí sé chomh maith dhó a dhul a's í a iarraidh i gcoimhfhios le bheith ag imtheacht ingan-fhios mar sin. Mar dhóigh dhe go bhfuil an oiread de chaomhamhaint in a muinntir sise, a's nach n-innseocha siad do'n tír é! A mhaisce, sé 'bhfuil uatha é!" "Níor thaobhuigh sé ingan-fhios ná i gcoimhfhios í anois, le bliadhain. Ach deir siad go bhfuil sé thar bharr a chéile in a diaidh igcomhnuidhe. Níor mhaith liom ' anshógh bheith orm. Droch-bhodach é 'hathair." "Bhí sé chomh maith dhuit a dhul a's é a dhéanamh i gcoimhfhios le 'bheith ag imtheacht i gan fhios mar sin, arae dheamhan mac an éin bheo sa tír nach bhfuil fhios aige go bhfuil tú ar a' gceird." "Dar fiadh, dhá mbadh liom a dhul ann chor a' bith, igcoimhfhios a ghabhfainn ann, a's ní i ngan-fhios. Cé'n bheann a bheadh agam ar aon-duine faoi?" "Má's ingan-fhios nó i gcoimhfhios é, tá sé a' caitheamh tobac. Tá 'fhios agamsa an méid sin, ar chaoi ar bith, arae b'éigean dom cion leath-únsa a thabhairt dó an lá faoi dheire." "Dhá dhonacht é an té 'ólfas i gcoimhfhios é, is seacht measa an té a ólfas ingan-fhios, 'druncaera' ceart é sin." "M'anam go bhfuil siad ar a' gceird sin, ingan-fhios a's i gcoimhfhios. 'Sé'n chaoi 'mbíonn siad leath na gcuarta, dheamhan a' miste leob, cé 'fheicfeas

iad." "Má tá sé ann ingan fhios ná i gcoimhfhios, gheobha an póilidhe ruadh atá annsin thiar é. Ní bheadh sé istigh i bpoll srathaire ingan-fhios dó. Deir na 'stiléaraí' gur sháruigh sé a bhfaca siad ariamh." "Dheamhan snáth de do chuid feamuinne a thóig mise ingan-fhios ná i gcoimhfhios. Nar leige Dia go mbeidhinn in a call!" "Ní fhéadfadh sé cianóg ruadh a fhaghail annseo ingan-fhios ná i gcoimhfhios, hébrí cá bhfuair sé é. Ach marach go bhfuair sé in áit eicínt é, ní fhéadfadh sé a bheith aige." "Déan a' peacadh ingan fhios ná igcoimhfhios — is cuma eatorra(b) é — ach beidh 'fhios ag Dia é." "Níl aon-cheo dhá ndéanann duine as bealach i ngan-fhios ná i gcoimhfhios nach bhfuil scríobhtha síos annsiúd ar leabhar a' chunntais, a's dubhshlán aon-duine dallach dubh a chuir (: a chur) ar Dhia. Siúd í an chúirt nach nglacfa na bréaga, a mhic ó." "Níl aon-pheacadh ná aon-droch-rud dhá ndearna tú ingan-fhios ná igcoimhfhios, nar cheart 'innseacht do'n sagart 'sa bhfaoistean. Mara n-innsighe tú iad, ní mhaithfidhear duit iad." "Shílfeá go mbeadh caoitheamhlacht eicínt ionnad a's gan a dhul a' déanamh a leithide sin de rud i gcoimhfhios. Tá tú imbéal an phobail anois." "(D)ar ndóigh, maran i gcoimhfhios a rinne sé, is ingan fhios a rinne sé é, ach nach shin é 'bhfuil 'na timcheall? Ní fiú a dhul a' sáruightheacht faoi, scáth a bhfuil de dhochar déanta. Dheamhan's móide a leath-oiread cainnte a bhainfeadh scéal mór amach." "InDomhnach tá siad dhá h-árdú leo(b) anois, ingan fhios a's i gcoimhfhios. Maidir le go bhfuil suím aca(b) duine dhá bhfeiceál, dheamhan a dhath, ach an oiread a's dá mbadh leo(b) fhéin í. Múinfe sin mise arís, gan mo chuid móna a chuir (: chur) amach ann." "Leabharsa is gearr go n-eirighe siad amach a's go rubála siad na daoine i gcoimhfhios. Dheamhan gnaoidheamhlacht a' bith a' fanacht sa saoghal anois — níl sin."

Comhriaghalta, Cúilialta, Cúimhialta: [Tá na trí leagan ar a' bhfocal. Ó Mhuigh Cuilinn an chéad leagan, a's sé thugaim, arae ní fhéadaim aon-cheart a bhaint de'n phéire eile]. [Coimhlíonta?] [Cuthal-dhíthallta?] [Cuthal dhíthcheilte?] Comhriaghalta: aidiacht = moiglidhe, múinte, béasach, lághach, socair.

"Tá sé an-chomhriaghalta." "Gearr-chaile coimhriaghalta í sin, a's gan araoid ná aighneas aice ar aon-duine, ach a bealach fhéin a dheanamh." "Tá sí chomh cúimhiallta agad, a's go sílfeá, nach mbeadh anachain a' bith innte. Ach nach breagh go bhfuil 'na dheidh sin." "M'anam muise gur maith é faoi na chuid buillí, dhá chúiliallta dhá bhfuil a leigean amach." = "Sé'n t-abhras a bhainfeá as a chuid cainnte féin, go bhfuil sé lághach, socair, ach tá sé buailteach 'na dheidh sin." "Tá sé sáthach cúiliallta mar sin, go gcuirtear air, ach an uair sin, níor mhaith dhuit a bheith in aon-phasáiste leis." "Má tá fhéin, tá sí a' faghail fear cúilialta lághach, nach n-abrócha drúcht na báisteach le aon-duine, maran cionntach é féin." "InDomhnach muise, dá chúilialta, a's dá mhúinte é, ní bheadh aon-chur suas de bhean aige, dá gcastaí in a bhealach í. Ach mar deir a' ceann eile, 'má's peacadh a bheith buidhe, tá na mílte damanta'." = Rachad sé a' suirghe le cailín, dá bhfaghad sé an dóigh etc. "Dar mo choinsias is do-chreidthe an scéal é, scurach chomh cúilialta leis sin, a bheith ag gabhail thart ar a' gceird sin. Ach d'íosfadh na muca ciúine fhéin a' triosc arsa tusa." "Ní casfaidhe fear chomh cúilialta leat in do shiubhal ionnsuighe. Marach a' ceann eile a bheith as bealach, a's as bealach go mór, dheamhan cos Sheáin a chuirfeadh chuige ná uaidh." "Tá sé coimhriaghalta go leor mar sin, ach inDomhnach deir siad, go bhfuil neart maistínteachta ann, má bhaintear as é. Ach cé milleán air sin, ach an oiread le scéal." "Dheamhan duine ba chúiliallta ná é sin a d'fheicfeá in do shiubhal lae, ach 'sí an bhean atá dhá shaghdadh, a's a' cur na droch-(mh)úineadh ann." "Tá sé cúiliallta go leor i gcosamhlacht, ach teirigh sa gceann sin leis go bhfeice tú!"

Conán: ainm-fhocal, firinscneach, uimhir iolraidh: conáin.
Conán: duine mór, socair, sásta réidh-chúiseach. Go h-iondamhail sórt súm-sám é, nach gcuirfeadh araoid ná aighneas ar aonduine, ach an saoghal a ghlacadh go réidh dhó fhéin; fear breagh, mór, sochma.

"Is breagh an conán fir é, bail ó Dhia air." "Tá tú a' deanamh an-chonán fir, bail ó Dhia a's Muire ort." "'Sé'n conán fir é, slán a bheidheas sé." "Ní fheicim aon-chonán fir a' teacht chuig teach a' phobail annsin thiar chomh breagh leis anois." "Dheamhan a' bhféadfadh a' conán siúd, bail ó Dhia air, gan a bheith láidir. Tá sé 'sna guailní aige." "Tá conán breagh de mhac aige." "Má chastar aon-chonán fir leat, atá crom-shlinneánach, a's é faoi bhricíní ar fad, sin é é." "Tá conán breagh de phóilidhe annsin thiar anois. As Ciarruidhe 'tháinic sé, 'chuala mé." "Is réidhchúiseach a' conán fir é. Níl araoid aige ar aon-duine." "Conán breagh sásta é. Dheamhan focal arrannta adéarfadh sé le aon-duine choidhchin." "'Sé Seán fhéin a bhí as bealach. Marach gurab é, dheamhan baoghal a bheadh ar a' gconán siúd, araoid ná éiliughadh a chuir air." "Conán socair sásta é sin, ach dá dteighead sé ar throid, bheadh sé dhá gcaitheamh sin le chéile. Ní fhéadfadh sé gan a bheith láidir." "Is mór is fhiú conán socair, sásta mar sin, nach mbeidh áird aige ar thada, ach a ghnaithe a dhéanamh." "Dheamhan duine beo a thiocfadh a' cur aon-araoid ar a' gconán sin, mara mbeadh a' catmara ar fad air — creatúr bocht nach mbíonn idtroid ná imbruighin, ná nach raibh ariamh." "Marach chomh sásta, a's atá an conán eile, mharbhóchad sé Seáinín ar bhall na h-áite, a's dá marbhuigheadh fhéin, dheamhan leath-cheart a dhéanfadh sé leis." "Nach gann a chuaidh an saoghal air, go ndeacha sé a' cur achrainn ar a' gconán bocht sin." "Conán réidh go leor é, ach is diabhaltaidhe an íntinn atá aige, má chuirtear air." "Dheamhan cor a' bith sa gconán sin. D'fhéadfá méir (: méar) a chuir faoi na shúil, a's ní bhainfead sé leat. Ach in Domhnach, níl a' dearbhrathair eile mar sin: tá sé sáthach anglánta."

Corcán = ainm-fhocal, firinscneach.

Corcán = (i) pota, coire [Is ionann's go bhfuil an chiall seo seirgthe anois 'sa gcainnt, ach déarfaidhe leat "gur b'shin é an t-ainm a thugas muinntear Chonndae an Chláir ar a' bpota"]. (ii) duine ramhar, beathuighthe, craosach as a cheann-aghaidh; bunastán iadhta; staic otruighthe.

"'Sé an corcán de dhuine é." "Is dó atá a chuid ag dul go maith — an corcán!" = "'Sé an corcán é 'bhfuil slacht a chodach air." "Tá sé in a chorcáinín chuimseardha bheathuighthe." "Mara bhfuil sé sin 'na corcáinín, ní lá go maidin é!" "Nach hé a rinne an corcán fir ó chonnaic mé go deireannach é. Diabhal bréag nach ndeárna!" "Níor mhór do'n chorcán sin leaba faoi fhéin ar fad. Mara bhfuil sé suas 's anuas ann, tá sé siar 's aniar ann. A's nach hé atá craosach dearg as a cheann aghaidh!" "Tá Seán Sh. in aon-chorcán amháin — iadhta le feoil — anois. Is maith a chuaidh imirce dhó." "Is beag a' dochar de'n dream sin a bheith in a gcorcáin a's a n-itheann siad de bhiadh cladaigh, a's chuile sholamar de'n tsórt sin." "Ab é an corcáinín fir úd! 'Séard a thaithneochadh liomsa a bheith 'baint spealpóga as." "Bhí sé sin scathamh chomh caithte leis a' bhfítheoig, ach tá sé in aon-chorcán amháin anois, séidthe suas le saill."

Corradh: ainm-fhocal a's feidhm aidiachta nó do-bhriathra aige.
Corradh = tuille agus; le cois; as cionn; barr air;

"Tá sé corradh ar (corra?) fiche bliadhain caillte" = tá sé tuille a's fiche bliadhain caillte; barr ar fiche bliadhain; fiche bliadhain a's bliadhanta corra ["ar" an réamh-fhocal a thagas 'na dhiaidh i gcomhnuidhe] "Dar m'ainín gur shíl mé go raibh sé corradh ar chéad bliadhain ó bhí 'Oidhche na Stoirme Móire' ann, nó gur chuala mé na gasúir a' léigheamh as a' bpáipéar an oidhche faoi dheire nach mbeidh sí céad bliadhain go dtí imbliadhna, anois. Cothrom Oidhche Chinn a' Dá Lá Dhéag a bhí sí." "Tá sé corradh ar dheich mbliadhna fichead anois, ó tháinic a' 'sean-phinsean' amach a' chéad-uair, nó 'bhfuil? Sibhse 'bhfuil a' scoláireacht orraibh, badh cheart go mbeadh fhios agaibh sin." "Déarfainn go bhfuil sé corradh ar dheich mbliadhna ó cuireadh é. Cuimnighim go maith gurbh é lá 'l' sin Bairtliméad a bhí sé dhá thabhairt chuig a' roinnín. Ba gártha an lá é, le gála a's báistigh." "Nach diabhaltaidhe an aois atá sé 'fhaghail! Tá sé corradh ar dheich mbliadhna is cheithre fichid anois, a's dheamhan a dhath mairg fós air, cé's moite dhá amharc." "Cráin-fhear láidir é, corradh ar leath-chéad bliadhain d'aois, a's é glan-bhearrtha." "Is diabhaltach a' daigéad caillighe í. Tá sí corradh ar fiche cloch mheadhchain, a's (d)ar ndú (: ndóigh) mo léan tá caitheamh a codach ínnte." "Tá Baile Átha Cliath corradh ar shé scóir míle as Gaillimh. Meastú cáide a bheadh seilmide maith storramhail a' snámh ann?" "Deir siad gur iomchuir sé fothlach arbhar a bhí corradh ar fhiche cloch mheadhchain abhaile ó'n S. thríd chíocraí a's thríd bhograchaí, gur leag sé istigh sa gclúid aige fhéin i bhF. é. Bhí féith ó na Fianna ann ceart go leor, ach má bhí fhéin, ní maith go gcreidim go ndeárna sé gníomh mar sin." "Tá sé corradh ar leath-chéad míle as seo do'n Ch. a's shiubhail mo shean-mhathair chuile mhíle coisméig dhe, in a cosa buinn! Siar go gceaduigheadh sí cailleach luibheannaí a chuaidh sí. Is beag a dhéanfadh anois é. Dheamhan aonduine!"

Contanás: ainm-fhocal firinscneach. [Foghar — cún'tunás go h-iondamhail, ach con'-tun-ás amanntaí].

Contanás = sibhialtacht, moiglidheacht, séimhe, mánlacht, fáilidheacht.

Aidiachta as — contanásach, mío-chontanásach.

Mío-chontanásach = gan contanás; mí-shibhialta; meirgeach; dorrdha; díbhirceach; dorcha, droch-mhúinte; mío-shúbháilceach; doirbh.

"Is beag a' chontanás é le aonduine" = ní bhíonn sé séimh ná sibhialta le aonduine; ní thiubhrad sé sásamh d'aonduine; níl sé moiglidhe ná fáilidhe. "Is beag a' contanás atá le faghail uaidh siúd, deirimse leat. Shílfeá gur mó an rún a bheadh aige duine 'ionnsuidhe, go mór, dhá gceapad sé go bhfuigheadh sé an ceann is fhearr air." "Ní fheicim fear a' bith is lugha contanás ná é do'n duine bhocht. Cé'n bhrigh, ach gur as an lathaigh a d'eirigh sé fhéin." "An té nach bhfuil a' cúl toraic aige ní call d'aonduine aon-chontanás a bheith aige dhó." "Beidh mise ar bheagán contanás leis an mbodach sin, feicfe tú fhéin." "Dhá mbadh é sagart a' pharáiste é, dheamhan contanás aige siúd dó." "Bíodh contanás eicínt ionnad fhairis sin, a's labhair sibhialta le na daoine. Níor bhris deagh-fhocal fiacail ariamh, tá fhios aghad." "Dheamhan blas de'n cheart nach ndearna tú leis, má bhí sé ar a laghad contanóis, a's nach laibhreochadh sé leat." "Pugarlach mhaith é sin, nach bhfuil aon-chontanás aige d'aonduine." "Mara mbí aon-chontanás aige liomsa, dheamhan a mbeidh aige ach malrait, feicfe sé fhéin air." "Duine bradach brúisceamhanta gan contanás a' bith é S. Mh. Is minic a bhí sé in áithrid a bhuailte, a's thug sé na h-aobha leis in a dheidh sin." "Sin é an mac atá gan contanás ná carthannas. Dheamhan sásamh a thiubharfad sé do Naomh as na Flaithis."

"Is fada an ceann céadna a' tuaradh an méid sin dó fhéin. Bhí sé gan contanás, gan cuibheas a' bith. Níl imnidhe 'bith orm ach nar buaileadh a cheart air." "Fear gan contanás é. Go bhfeacha Dia ar na créatúir a chaithfeas éisteacht leis, ó mhaidin go faoithin.

"An té nach bhfuil aon-chontanás aige dhom, níl aon-chontanás agam dó." "Ní chuirfeadh sé tada as dó, contanás fhairis sin a bheith aige do na daoine." "Mara bhfuil aon-chontanás fhéin aige dhom mh'anam gur beag sin agham, lá's nach bhfuil aon-bheann agham air." "Is beag a' contanás atá ag an bplíoma de shiopadóir sin d'aonduine a bhfuil leithphighinn ruadh glighte air (glighte = dlighte) ann. Ach mise imbannaí má thagann aon-duine isteach a bhfuil bruigh-shléacht a' bith air, gur aige a bheidheas an fháilte a's an chraitheadh lámha roimhe." "Duine ar bith a bhfuil aon-phighinn sa mbeainnc siúd aige, tá contanás dó ann. Ara craithfear lámha leis a mhic ó, a's tá sé in a 'sir' annseo, a's in a 'sir' annsiúd. Ach má theigheann créatúr bocht isteach ann ag iarraidh 'trifle' ar áirleacan, is cam na streillí a chuirfeas siad orra(b) fhéin leis." "Tá sé siúd chomh leitheadach anois, a's nach bhfuil contanás aige d'aonduine, ach a' té a bhfuil 'collar a's tie' air. Is gearr nach mbeannócha sé do dhaoine tíre chor a' bith."

"Ní chuirfe sé, tada as d'aonduine a bheith contanásach le 'chuile dhuine. Is maith nach mór do dhuine a bhealach a dhéanamh, bíodh 'fhios agad." "Níl sé contanásach chor a' bith mar bheadh fear. Brúisc bhradach é." "Mara mbí tú contanásach thar mar tá tú, is beag a' ghna(ithe) atá in aon-áit aghad. Leabharsa is gearr a éistfidhear leat ach a bhfága tú an baile." "Is maith contanásach nach mór dhuit a bheith leis an mboc údaidh, nó buailfe sé lán do chraicinn ort. Ní mór leis 'chuile dhuine a bheith faoi bhois a' chait aige." "Bí contanásach in a láthair siúd, má tá do leas ar Dhia. Siúd é nach bhfuil a' scruball aige an duine a bhualadh ná a dhonughadh." "An té atá contanásach, a's a iomchruigheas é fhéin go múinte, ní racha aon-araoid air, in aon-áit." "Bí contanásach choidhchin leis a' bhfear aniar. Ní deagh-éadáil é go minic le ceist a' bith a chuir air." "Ní bheadh Tom Sh. contanásach i láthair sagairt ná easbuig. Dá mbadh é an té ba mheasa leat beo é, leigfead sé amach a chuid droch-éisc in a láthair."

"Ní fhaca tú aon-duine go h-iomdhaí chomh mío-chontanás -ach leis." "Dhá dhonacht a' t-athair le mío-chontanás, dheamhan goir a' bith aige ar a mac. 'Séard a bhí le déanamh leis a' mac é 'phlúchadh faoi phota mar dhéanfaidhe le cut." "Tá sí ag gabhail in aghaidh dúthchais, má tá sí chomh mío-chontanásach sin, arae ní casfaidhe aon-bhean in do shiubhal lae ort, ba laetheamhla ná ba lághaighe ná a máthair. Ó mhuinntir a h-athar a thug sí an stróic sin, ach inDomhnach, dheamhan a raibh siad-san daor-bhasctha ach an oiread." "Nach mío-chontanásach a' mhaise dhó é aghaidh 'thabhairt ar aon-duine, mar sin. Dá bar (= mbadh) liomsa a dhéanfad sé é, dhathóchainn a' smut aige, dhathóchainn sin." "Níl aon-duine istigh ar a' mbaile le baint as margadh. Tá chuile mhac a' pheata aca(b) chomh mío-chontanásach le na chéile." "Is mío-chontanásach an éadáil é siúd muis, le dhul ag iarraidh 'inghine air. Ní mó ná dhá mbeadh posta nó siopa agad, go bhféadfá é 'thaobhachtáil." "Sagairt! InDomhnach is mío-chontanásach a' dream, le dhul ag iarraidh tada orra(b). Tabhair chuile shórt dóibh fhéin, ach ná h-éiligh tada orra(b)." "Ní lughar liom an sioc ná a dhul in a ghoire ag iarraidh tada air, a's chomh mío-chontanásach a's tá sé. B'fhéidir go bhfaigheadh duine leis é ar sheol na braiche amanntaí, ach níor dhóichidighe sin, ná é 'eirghe in a theine bhruithte (chug)ad." "M'anam ná bacadh sé le na chuid mío-chontanáis i láthair Mh. Mh. Bh. Ní shiúd é an ribín réidh le cur chuige ná uaidh." "Breagh nar ghlac tú go réidh é, a's gan a bheith mío-chontanásach. Is suarach a' t-iongnadh gur bhuail spadhar fhéin é."

"Má tá sé chomh beag-chontanásach le chuile dhuine is tá sé liomsa, is deacair triall air." = "má tá sé comh beag a (: de) chontanás le chuile duine a's atá sé liomsa, is deacair teanntás ar bith a dhéanamh air. "Bíodh sé beag-chontanásach le na rogha duine, ach dheamhan duine a bheidheas beag-chontanásach liomsa a mbeidh tada dhá bharr aige."

Cosacán = ainm-fhocal; firinscneach; iolraidh — cosacáin.
Cosacán = cromnasc; longcaird; buaithrín; ceangal ar chosa caorach nó beithidheach etc. le na gceannsú, nó a gcoinneál ó bhradghail, nó ó'n scuir. [Baintear leas as in áiteacha i leaba "cromnasc"]

"Cuir cosacáin ar na caoirigh." "Má chuireann tusa péire cosacán uirre, mise imbannaí go gcoinneocha sin ó bhradghail í." "Beir ar na malluigheadóirí [: dhá chaora] a's fáisc cosacáin nó cuíngir orra(b). Tá'n cheapaichín phlanndaí a bhí annsin thiar agham millte aca(b)." "Tá cead scuir aca(b) ó tháinic an geimhreadh, a's níorbh fhlearr cosacáin a chur orra(b) anois, ó tá fás a' tosuighe." "Ní chuibhreochadh cuíngir na gabhair sin. Cosacáin a bhí aghad a bhualadh orra(b). Na cupla crainnín a chuir mé annsin thiar, tá siad ithte ag na diabhail. Cé'n bhrigh ach ó chuirfeas siad anáil faoi rud a' bith, tiocfa sé ar gcúl!" "Is fada a chaith an bhó sin ag imtheacht a's cosacáin uirre, in áit a raibh sí an-bhradach." "'Bhfuil fhios céard tá le déanamh leis an asal sin, cosacáin a chuir air, a's a smut a bhualadh ar a chois tosaigh, in aice sin. Mara múine sin é, caith le gunna é. Níl aon-gharrdha ar a' mbaile nach bhfuil ina bhéal in áirde aige." "Mara gcuire tú cosacáin ar a' gcaora sin anois, tiubharfa sí an scóid dhi fhéin. Baoghal uirre sin fanacht annseo." "Ní mór duit cosacáin nó ceangal eicínt a chuir uirre go mbeidh sí taithighthe air an áit. Dheamhan's móide a n-iarrfadh imtheacht dhi annsin." "Má chuirim cosacáin uirre, tá faitchíos orm go gcasfaidhear i dtreascairt 'sna breaclachaí siúd í, a's go mbascfa sí i fhéin i bhfad uainn an anachain!" "Bhí sí ar siubhal ariamh, ariamh, go ndeacha sí indiaidh a mullaigh síos i gclaise an tsrotha, a's ní raibh aon-ghoir aice a theacht aníos ingeall ar na cosacáin." "Is cosamhail go raibh sí ag iarraidh a dhul thar a' díoga, a's gur chaitheadh indiaidh a leathtaoibhe síos innte í. Dheamhan stró a bheadh uirre, meireach na cosacáin, ach is beag an rud atá indon treampán a chur ar an rud dona, 'na dheidh sin."

Cos-nochtuighthe, Cosnocttha = aidiacht. [Tá'n dá leagan air].
Cos-nochtuighthe = (i) 'sna buinn; gan bróga nó cois-bheart; 'sna bonnaidheacha; 'sna cosa buinn; bróga ort a's gan aon-stocaí.
(ii) tur, tar; gan annlann; rud ar aghaidh fhéin gan bealthuidheacht ar bith in' aice; turthaidheacht; luime; feidheartha.

"Tá sé ag imtheacht cos-nochttha gan bróig ná stoca." "D'imthigheadh 'chuile dhuine cos-nochtuighthe fadó." "Bhíodh chuile ghasúr fadó cosnochtuighthe go mbídís suas in a bhfir, agus fhairis. Ach tá siad chomh goilleamhnach anois, a's nach bhfuil siad indon imtheacht cosnoctuighthe sa samhradh fhéin." "InDomhnach is cosnocttha a bhíodh muid sa ngeimhreadh freisin. Nuair a thagadh sioc, d'fháisceadh muid buadáin ar ar gcosa le teas a dhéanamh dhóib. Ach níl aon-acmhúinn ag aos-óg ar fhuacht anois, mar bhíodh an uair sin." "Tá sé luath agad imtheacht cosnocht-uighthe, a's nach dtáinic Máirtín na nGág chor a' bith fós."
"Is beag a' dochar dhó oighreachaí fhéin a bheith air — duine 'bith atá cosnochtuighte ar an aimsir seo." "Cé leis an stóicín cosnochttha?"
"Tá mé 'ceapadh go bhfuil sé an-lúm a' duine bocht, [lom = lúm] arae feicim a chlann ag (d)ul soir cos-nochttha chuig a' scoil le bliadhain." "Is minic le lucht na dtamhnach sin a bheith cos-nochtuighthe. Dheamhan bróg a bhío(nn)s orra(b) sin leath na gcuarta. Cé'n ghna(ithe) a bheadh de bhróga aca(b) a' spágáil thrídh puiteachaí."
(ii) "Ní bhfuair mé ann ach cupáinín tae cosnochtuighthe" = cupán tae ar aghaidh fhéin; cupán tae tur; cupán tae gan tada leis [deireann lucht a' bhéarla sa mbreac-Ghaedhealtacht — "a bare-footed cup of tea."]. "Níor shugh salmhain imbéal buláin domsa, an cupán tae cosnochtuighthe sin, a's an gearradh ocrais a bhí orm an tráth céadna." "InDomhnach nuair a thairg sí dhom an cupáinín tae cosnochtuighthe, shanntuigh mé é 'bhualadh faoi'n smut uirre. Is minic nach a' taobh leis a' gcumaoin sin a leigeadh amach as seo í fhéin. Ach 'ní bhíonn cuimne ar an arán a h-ithtear', adeir siad." "Dhá gcuirtí amach é fhéin as seo taobh le cupán tae cosnocttha, chuirfeadh sé ar gcáil faoi'n tír."
"Nach hí atá gortach marar thug sí dhuit ach cupáinín tae cosnochtaighthe, a's a fhusacht di cupla ubh nó greim feola a

a chaitheamh síos duit, a's fios aice go raibh aistear fada ort."
"Ní leigfeadh an chruadhas di ariamh thar chupáinín tae cosnochtuighthe
a thabhairt d'aonduine dhá mbeadh ag obair aice, a's ba mhór
a' carghaos léithe an méid sin fhéin." "Tuille diabhail aige anois
mara bhfuil S. dhá bhaint siar as — é a' cur a sceadamáin amach
annsiúd thuas ag obair dó ar scilling sa ló, a's cupáinín tae
cosnochtuighthe." "Nach hí a chuimil sop na geirthe dhaoib, má bhain
sí h-ocht bpighn' déag amach ar chupáinín tae cosnochtuighthe, a's é sin
fhéin chomh lag leis an uisce is dóigh!" "Diabhal a' féidir gur
fataí cosnochtuighthe a fuair sib! (D)ar ndóigh thug sí braon bainne
nó bealthuidheacht eicínt dhaoib leo(b)." "Sin é 'bhfuil
agad 'nois muise le do shuipéar fataí cosnochtuighthe, a's cuir
tú fhéin an fata beag leis a' bhfata mór. Bhí muid chomh
cruadhógach ó mhaidin indiu, a's nar fhéad aon-duine sroicheach
-táil chuig a' siopa i gcoinne cupla scadán." "Dheamhan ar
mhiste dhuit dhá leagtaí na fataí sin cosnochtuighthe fhéin chugad,
tá siad chomh gáireach sin." "Muise ba fataí cosnochtuighthe iad scáth
a raibh in a n-aice — scadán caoch!" "Is olc a' bheatha ag
sclábhuidhe, fataí cosnochtuighthe, a's iad sin fhéin faoi dhó sa
ló." "Cé'n chaoi a dtaithneochadh sé leat fataí cosnochtuighthe
a fhaghail dhá cheann de ló, mara 'bhí ann nuair a bhí mise
ag eirghe suas? A's chaithfeá dhá uair oibre a bheith déanta agad
ar maidin sul a bhfaightheá na fataí fhéin!" "Is beag an mheas
a bheidheas aige siúd ar bhéile fataí cosnochtaighthe, a's an chleachtadh
atá aige ar bheaduidheacht a's bealthuidheacht a fhaghail sa mbaile."
"B'éigean dom béilidhe cosnochtaighthe a ithe. Is deas a' chaoi ar
thalmhaidhe é sin, th'éis a lá oibre." "M'anam gurb é atá dhá
bhaint as a chleachtadh, fear nach raibh aige 'sa mbaile ach cupla
fata a ithe cosnochtuighthe!" "Is fhearr an bainne géar fhéin,
ná dhul dhá bplacadh suas cosnochtuighthe." "Dhá laghad annlann
dá mbeadh ag duine le na fataí, b'fhearr é, ná iad
a bheith cosnochtuighthe amach a's amach. 'Is beag de'n bhealthuidheacht
is fhearr ná'n turthaidheacht' adeir siad." Níl aige, an duine
bocht ach béilidhe cosnochtuighthe."

Cosamhlacht, Cosamhail

Cosamhlacht = ainm-fhocal, baininscneach; geineamhnach uathaidh; cosamhlachta

Cosamhail = aidiacht as "cosamhlacht"; breis-chéim: cosamhla.

Cosamhlacht = cuma, crot, deilbh, cumraidheacht, gothadh, cruth, deallradh leagan éadain etc. pictiúr; ar aon-bhéas.

"Tá cosamhlacht bháistighe, ghála, sheaca, thoirnighe etc. air." "Cosamhlacht uilc, feirge, báis, pósta, imtheachta, dúiseachta etc. "Níl aon-chosamhlacht aitealla air fós." "'Bhfuil cosamhlacht glanadh a' bith a' teacht air?" = aon-chosamhlacht go nglanfadh an lá. "'Bhfuil aon-chosamhlacht eirghe fós air?" "Is air atá cosamhlacht an fhuaicht." "Tá, cosamhlacht na leisce! Sin í an chosamhlacht atá air, 'sí sin." "Cuir cosamhlacht eicínt oibre ort fhéin, a's ná bí ag imtheacht a' rámhóireacht mar sin." "Is mór atá cosamhlacht na h-aoise a' teacht air." "M'anam gur maith uaidh cosamhlacht na h-óige a choinneál." "Tá cosamhlacht meisce air shílfeá." "'Sé 'chuir cosamhlacht an uilc air fhéin." "Is olc an chosamhlacht atá air" = tá droch-ghothadh ar an aer, uair mhór atá air. "Diabhal bréag nach air an oidhche atá an droch-chosamhlacht." "Dheamhan deagh-chosamhlacht a' bith ar an aimsir." = "is air atá an droch-chosamhlacht." "Tá cosamhlacht bhuadhartha, dhona, mhaith, bhrónach, olc etc. air." "Tá an-chosamhlacht bháistighe air" = gothadh báistighe. "Tá an-chosamhlacht air" = duine a bheadh a' breathnú go maith (ciall amháin). "Is air atá cosamhlacht a' gheimhridh!"

"Tá sé in am aige cosamhlacht eicínt a chur air fhéin feasta" = cuma pósta, oibre, imtheachta, nó pé'r bith rud a bheadh igceist. "M'anam má's leis pósadh imbliadhna, go bhfuil sé in am aige cosamhlacht a chuir air fhéin feasta. Beidh an Carghaos in a mhullach d'aon-iarraidh." "Ceadh nach bhfuil aon-chosamhlacht air ach mar sin? Shíl mé go raibh sé ag dul a' pósadh bog te an lá faoi dheire." "Breagh, má's leat a dhul ann, nach gcuireann tú cosamhlacht (: imtheachta) eicínt ort fhéin feasta!" "Dheamhan cosamhlacht corruighe fós air, ná cuid de chosamhlacht." "Dheamhan cosamhlacht (: báis etc.) fós air." "Tiubharfa sé isteach í imbliadhna (: pósfa sé). Tá sé 'cur cosamhlacht air fhéin." "Dheamhan cosamhlacht de'n rath atá sé a chur air fhéin le aon-bhean 'fhaghail."

"Is beag a' cosamhlacht pósta atá air." "Dheamhan cosamhlacht óil a' bith a chonnaic muide air." "Déarfainn rud eicínt le Seán annseo, bail ó Dhia air, go bpósfad sé go goirid, mar 'sé is mó cosamhlacht." "Is olc an chosamhlacht aonaigh atá air" = beidh droch-aonach ann. Ní bheidh mórán ar an aonach." "'Sé is lugha cosamhlacht maitheasa dhá bhfaca mé ariamh." = níl cuma oibre ar bith air. "Ní hé do chosamhlacht fhéin atá air siúd chor a' bith" = níl sé ar aon-bhéas leat, nó hé do bhealach-sa atá leis, nó ní h-ionann snuadh dhaoib. "Ná bí do do chuir féin i gcomórtas le Jude chor a' bith. Is beag a' baoghal gurb é do chosamhlacht fhéin atá uirre sin." "'Bhfuil aon-chosamhlacht leigean faoi air fós?" = "Bhfuil aon-chosamhlacht claochmuighthe air?" [droch-lá, duine a's taghd air etc.]. "'Sé a chosamhlacht nach ndéanfa sé aon-aittealla go faoithin" (: aithtealla = aith-deal]. "Báisteach go deo anois é. 'Sé a chosamhlacht é." "Fear idteannta anois é. 'Sé a chosamhlacht é." "Tá sé bánuighthe. Sé a chosamhlacht é." "'Sé a chosamhlacht nach ndéanfa sé aon-suaimneas, mara dtugtar cead a chomhairle fhéin dó." "InDomhnach, 'sé a chosamhlacht go bhfuil sé spréachta." "'Sé a gcosamhlacht go ndéanfa siad raic mara bhfuil ag Dia" (: na ríoghachta ag ollmhachan i gcomhair cogaidh).

"Bíonn an chosamhlacht ann." "Bíonn an chosamhlacht ann mar deir an tincéara leis an asal." (leath-fhocal) = is léar ó dhuine nó ó bheithidheach an deagh-ughdar nó droch-ughdar é. Is léar ó rud, an olc nó maith é, gan é 'fhéachaint chor a' bith. "Is maith an t-ughdar é, bíonn an chosamhlacht ann." "Dheamhan's móide gur taidhbhse 'bith a bhí ann, ach go mbíonn an chosamhlacht ann, mar deir a' tincéara leis an asal." "Cá bhfios duinne go bhfuil tada ann (: sidheogaí nó taidhbhsí). Ach bíonn an chosamhlacht ann 'na dheidh sin."

"'Dhá dtrian de'n damhsa an chosamhlacht'" (sean-fhocal). "Níor mhiste dhuit dhá mbeitheá gan buille 'bith a dheanamh, ach cuir an-chosamhlacht ort fhéin — 'Dhá dtrian de'n damhsa

an chosamhlacht tá fhios aghad." "Dheamhan's móide leithpighinn ruadh ag a' bhfear, ach go bhfuil sé an-fheistighthe, a's nach shin é 'mbíonn cailíní óga a iarraidh. 'Dhá dtrian de'n damhsa an chosamhlacht', mar deireadh M. Bh. fadó." "Dheamhan ar mhiste duit, dhá mbeitheá gan aon-choisméig dhamhsa dhéanamh ariamh, ach leig goithtí ort fhéin, ar a dhul amach ar an urlár duit. 'Dhá dtrian de'n damhsa an chosamhlacht'." "Dheamhan ceo ceirde aige, ach an oiread liomsa, marach na goithtí, ach nach shin é a dhóthain. 'Dhá dtrian de'n damhsa an chosamhlacht'." "Muise dheamhan fios aige sin, céard a bhainea(nn)s de ghunna ach dhá leigean air féin, 'nuair a fhagha(nn)s sé daoine simplidhe le géilleadh dhó. 'Dhá dtrian de'n damhsa an chosamhlacht.' Is cóir adeir an fear fadó fhéin é."

"'Bhfuil aon-chosamhlacht ann fós?" = an aithneochthá ar a' mbean go bhfuil sí ag iomchur? "Shílfeá go mbeadh sé in am aice cosamhlacht eicínt a bheith ann feasta." "Cuir a chosamhlacht go Meriocá" = pictiúr. "B'éigean cosamhlacht an mhalraigh sin a chur go dtí N. go Meriocá. Bhí sí a' strócántacht dá iarraidh."

"Tú fhéin nó do chosamhlacht a bhí ann" = thú féin nó do thaisí. "Maran tú fhéin a chonnaic mé, 'sé do chosamhlacht a chonnaic mé, sin nó tá mearbhall orm." "Nach mé nach n-aithneochadh é go deimhin! Síleann tú gur caoch atá mé! É fhéin nó a chosamhlacht a bhí ann. Thiubharfainn mionna an leabhair air!" "Badh é S. N. Ph. nó a chosamhlacht a bhí ann. Nach n-aithneochainn an feic bradach in áit ar bith!" "Dar ndóigh, maran tú, 'sé do chosamhlacht a chonnaic mé, a's fág mar sin é."

"Bhí sé ar meisce i gcosamhlacht" = "de réir cosamhlachta" "Níl sé ar foghnamh i gcosamhlacht." "Níl sé i gcosamhlacht a bheith ro-óg, ach ní fhéadfadh sé a bheith an-tsean."

"Dheamhan a bhfuil sé i gcosamhlacht a bheith an-fhoghluimta, ach ní bheadh 'fhios aghad 'na dheidh sin." "Níl a' féar i gcosamhlacht a bheith an-fhliuch, ach is fánach an chaoi a ndreoghfadh sé 'na dheidh sin fhéin." "Ní teach an-mhór é i gcosamhlacht, ach tá áirge mhaith 'na dheidh sin ann, taobh istigh."

"Ó'n gcosamhlacht a chuir sé air fhéin, deir leat fhéin go ndéanfadh sé cat a's dá rioball, ach badh gearr le dhul é 'na dheidh sin, nuair a féachadh amach é." "Ó'n gcosamhlacht atá ar an áit, ní shílfeadh aon-duine beo, go bhféad(f)aí sagart a dhéanamh as." "Bhuail faitchíos mé leis an gcosamhlacht a chuir sé air fhéin."

"Is leis an athair is mó atá sé a' gabhail i gcosamhlacht. Níl mórán cosamhlacht' aige leis a' máthair chor a' bith." "'Sé is lugha cosamhlacht le na Céidigh" = "níl mórán cosamhlacht aige le na Céidigh chor a' bith (: na Céidigh muinntir na máthar nó'n athar] "An té a chuirfeadh i gcosamhlacht é le sean-Ph. bheadh dul amudha mór air. Níl cosamhlacht a' bith eatorra(b)." "Ní fhéadfá é 'chur igcosamhlacht liomsa, mar níl sé a' dul i gcosamhlacht liom beag ná mór." "Is mór atá sé a' gabhail i gcosamhlacht leis an bplíoma is sean-athair dó."

"Caillte ar a' mbóthar a gheobhthar é, oidhche eicínt. Ní hé 'mhalrait de chosamhlacht atá air, a's chomh dúlaidhe a's atá sé ins an ól." "Mara dtuga sé aire dhó fhéin, de dhruim tighe a bheidheas sé. Tá 'fhios ag an saoghal fódlach, nach hé a mhalrait de chosamhlacht atá air." "Sé'n chaoi a mbeidh sí ar ball, fágtha annsiúd ar a' tráigh thirm, gan Murrchadha gan Maghnus. Ní hé a mhalrait de chosamhlacht atá uirre, a's chomh deacair a's atá sé í 'shású faoi fhear." = ní iarrfa fear a' bith í, as deire na cúise. "Shílfeá gur ag iarraidh dóigh a dhéanamh dhíom atá tú. Dheamhan ab é 'mhalrait de chosamhlacht atá ort." "Bánócha sé muid, má thugtar cead a chinn dó. Feiceann tú fhéin, nach hé a mhalrait de chosamhlacht atá air." "Dhá bhfaghadh sé sin, an té 'dhéanfadh obair dó, dheamhan smeach a' bith a dhéanfadh sé fhéin, ach imthighthe a' bóithreoireacht. Dheamhan ab é a mhalrait de chosamhlacht atá air."

"Is fear é sin atá láidir — sin nó tá sé fhéin a's a chosamhlacht in aghaidh a chéile" = "Is fear é atá láidir, mara bhfuil sé ag dul in aghaidh' chosamhlacht'." = "Tá cosamhlacht air a bheith láidir." "M'anam muise, má tá sé folláin, go bhfuil sé fhéin a's a chosamhlacht in aghaidh a chéile. Dheamhan a' bhfaca tú ariamh aon-duine is caillte snuadh ná é." "Dar príosta má tá sé go lághach, tá sé a' gabhail in 'aghaidh 'chosamhlacht, arae tá gothadh crochadóra air." "Sin ughdar maith tairbh, mara bhfuil sé fhéin a's a chosamhlacht ag dul in aghaidh a chéile" = déanfa sé tarbh maith de réir cosamhlachta. "Déanfa sí sin an-rúisc mná, sin nó tá sí fhéin a's a cosamhlacht in aghaidh a chéile. 'Bhfeiceann tú an síneadh atá fúithe cheana fhéin, a's gan í ach trí déag nó ceathar déag." "Is fear é sin atá 'faghail amhgair, mara bhfuil sé ag dul in aghaidh a chosamhlacht'. Bhíodh sé sin ramhar beathuighthe, ach dheamhan bior-eanga thuas air anois." "Tá sí sin a's a cosamhlacht ag dul in aghaidh a chéile go mór. Shílfeá ar a buaic a's ar a slinneán gur togha capaill í, ach dhá bhfeicfeá faoi ualach í, dheamhan a dtiubharfá do sheacht mallacht uirre. Ach níl fhios agham nach bhfuil codaigheacht a' gabhail di freisin, arae mhill sé í an chéad am." "Is diabhaltaidhe atá sé ag dul in aghaidh a chosamhlacht muis, marab é an chaoi nach dteigheann sé sa mbile buaic leis fhéin. Chonnaic mise scurachaí, nach gcuirfeá sonntas a' bith ionnta(b) a' tabhairt gaoithe (: ag árdú) do'n chloich sin, a's shílfeá nach bhfaigheadh forránach fir mar eisean craitheadh 'bith innte, ná dhá mbeadh sí faoi dhó an oiread meadhchain a's tá sí." "'Bhfeiceann tú an gort fataí sin? Ní fhaca tú ariamh aon-rud atá ag dul in aghaidh a chosamhlacht' mar é. Shílfeá ar a' mbarrann atá air sin, go mbeadh gruadháin d'fhataí ann, ach ar a shon sin, níl oiread cubharláin is chuile cheann aca(b). Bhí sé ro-leasuighthe, a's chuir sé suas an iomarca barrainne idtús bliadhna. Ná bac le cur a' bith a dhéanfas é sin."

Cosamhail — Aidiacht.

"Ba cosamhail le póilidhe a chonnaic mé a' teacht anoir an bóthar indiu, a's a' gabhail isteach tigh Mh." "Ba cosamhail le sagart é, ach sílim nach h-eadh 'na dheidh sin." "Is cosamhail le duine é 'bheadh tolgtha" = tá cosamhlacht air go bhfuil sé tolgtha. "Is cosamhail nach dtáinic sé fós." "Is cosamhail go bhfuil rún aige pósadh mar sin." "Is cosamhail gur ann a bhío(nn)s sé ar cuairt 'chuile oidhche."
Seán: déanfaidhear an bóthar go C. anois.
Seumas: is cosamhail é (nó, "'sé is cosamhail").

Cosamhlacht (tuille) — "Tá a chosamhlacht le na chois" = "Tá a comharthaidheacht le na chois" = "Tá a chumraidheacht le na chois" = "Tá a shéala air" = "Tá a shliocht air" = "Is furast' aithinte air é."
"Bheadh fhios ag aon-duine beo gurb é a ghoid an coirce. Nach bhfuil a chosamhlacht le na chois! Cé eile a mbeadh fhios aige go raibh an mála sin amuigh sa scioból, a's gur indé roimhe sin a chuir mé ann é?" "D'eile cé 'dhéanfadh é, ach é. Nach raibh a chosamhlacht le na chois, an té a thogair a fheiceál."
"Droch-bhliadhain a dhéanfas sí, tá faitchíos orm. M'anam go bhfuil a chosamhlacht le na chois. Níl barrann shlán a' gabhail liom, nach bhfuil ithte ag dubhachan, a's gan é in a Fhéil San Seáin fós."

Cothromacan síne = ainm-fhocal, firinscneach

Cothromacan síne na h-uaire nó na h-aimsire = (i) deagh-shíonta a's droch-shíonta — uair bhreagh, a's droch-uair — a bheith meadh ar mheadh. Má thagann scathamh deagh-uaire, caithfe a chomhfhad sin de dhroch-uair a thoidheacht aríst, a's a mhalrait. Cúitighthear droch-uair nó gairbhshion, leis an oiread céadna deagh-uaire a's téigle. (ii) Sásamh nó dioghaltas; cor in aghaidh an chuir; "bíonn muiltí Dé mall, ach meileann siad go mín"; "níl tuile dá mhéad, nach gcaitheann sé an fhad eile a' trághadh"; an t-olc nó'n choir a rinne tú a' teacht ar ais ar do mhéis fhéin chugad.

"'Comhar na gComharsan a's Cothromacan Síne na h-Uaire an dá rud is cinnte 'bith'" [leath-fhocal] = níl rud a' bith is cinnte ná go gcongbhóchaidh na comharsana le chéile i gcúrsaí oibre, a's go gcúitighthear deagh-shíon le na comh-fhad nó a coimhmhéad de dhroch-shín, a's a mhalrait. "Deir na sean-anndúirí gurb iad an dá rud is siúráilte amuigh Comhar na gComharsan a's Cothromacan Síne na h-Uaire. Well, níl locht a' bith ar Chothromacan Síne na h-Uaire, ach 'sé mo mheas go bhfuil Comhar na gComharsan caithte in aer. D'fheicinnse le mo linn fhéin iad, a's dheamhan ceann oibre dhá mbeitheá a dhéanamh — crapadh an fhoghmhair, a' baint mhóna, ná 'bualadh coirce — nach mbeadh daoine sa mbealach ar a chéile a chongnamh dhuit. Ach dheamhan méitheal a d'fheicfeá in aon-áit anois. Caitheadh an obair sin igcártaí. 'Sé do chloch-neart é, scurach a fhaghail a leigfeadh súgán dhuit, tada leis." "Má tá Comhar na gComharsan as gnás, tá Cothromacan Síne na h-Aimsire fós ann, a's beidh go dteighe an saoghal ar suidheachan. Níl aon-duine indon an aimsir a athrú ach Dia, moladh go deo Leis." "Uair bhreagh a thiocfas as a' bhfearthainn a's as a' bhfearadh gráin seo, a's ó thiocfas sé ar bhreaghaichte chor a' bith, gheobha tú tamall di. Tá air aige uair bhreagh a thabhairt uaidh, go ceann fada anois. Cothromacan Síne na h-Aimsire, nar chuala tú ariamh é." "Dhá mbadh báisteach go Nodlaig é,

caithfe sé cothromacan síne na h-uaire a thabhairt uaidh uair eicínt."
"'Seachain Earrach a' deagh-gheimhridh'. Chuala mé 'chuile lá ariamh é.
"Má thagann an geimhreadh go maith, 'san Earrach a thiubhras sé
cothromacan síneadh na h-uaire uaidh. Luigheann sé le réasún, mara
dtuga sé an droch-aimsir uaidh sa ngeimhreadh, go gcaithfe sí a
teacht 'san Earrach." "'Samhradh riabhach, foghmhar grianmhar'. Sin é
cothromacan síne na h-uaire. Má bhíonn samhradh fliuch ann, tiocfa
an foghmhar thar cíonn. Caithfe sé." "Má chothuigheann sé an ghlas-
aimsir seo i bhfad eile, dheamhan 'fhios beo cé'n aimsear bhreagh a
thiocfas na diaidh. Deir siad nach bhfuil rud a' bith is siúráilte na
cothromacan síne na h-uaire." "Tá faitchios orm, ach grásta Dé
má bhriseann an uair bhreagh seo, go dtiocfa seal maith
droch-aimsire nó breac-aimsire. D'eireochadh dhó, a's ar thug
sé d'aimsir bhreagh uaidh le tamall. Níor tháinic tiormach ariamh
nach dtiocfad cothromacan síne na h-uaire in a dhiaidh."
"Caithfe anna breagh eicínt a theacht as an ngairbhshion seo, nó
mara dteaga níl cothromacan síne ar bith ann, a's chuala
muid ariamh go raibh." "M'anam muise nach raibh aon-
chothromacan síne imbliadhna ann, má's shin é do scéal. Nach
bhfuil ceann faoi air a' báisteach ó tháinic a' bhliadhain.
"Dheamhan seachtmhain bhreagh a tháinic as a chéile ó Lá Fheil
Brighde seo caithte." "Tá marach eicínt ar a' saoghal nó ar
na daoine, a's an chaoi 'bhfuil an uair. B'iongantas é anois,
dhá dteagadh lá breagh. Ba mhór i gceist ag sean-daoine
cothromacan síne na h-aimsire, ach inDomhnach d'fhéadfaí
sneachta a chaitheamh ar a lorg anois." "Deireadh M. Ph. fadó
nach raibh rud a' bith chomh 'siúráilte' le cothromacan síne
na h-Uaire, ach dhá mbeadh sé básuighthe faoi chéad, deirimse
go dtug sé 'éitheach. B'fhurasta ar tháinic de laetheantaí ar
foghnamh imbliadhna a chomhaireamh — b'fhurasta sin." "Maran
treáll a' bith atá a' bualadh na h-aimsire, dheamhan
cothromacan síne a tháinic imbliadhna, ná cuid dhá theacht.
Nach in a cithréabachaí atá an aimsir ar fad ó thús na
bliadhna."

(ii) "Tá sé fhéin a' faghail cothromacan síne na h-uaire anois, a's m'anam nach bhfuil mise in a dhiaidh air. 'Sé cóir Dé é, a's an cheird a bhí air fhéin, tamall" = slat dá thomhas fhéin; an cleas a ghníodh sé fhéin ar dhaoine eile, tá sé 'teacht ar ais ar a mhéis fhéin anois aige. "Chomh uain's a bhí an dá shean-fhear bhochta sin annsin ag béal a' doruis aige, chaith sé a shaoghal a' meabhrú do lucht cuarta chuile bhiorán dá bhféadfaidís a dhéanamh orra(b) a dhéanamh dhóib. Dheamhan duine sa tír anois, nach a' deanamh bioráin air fhéin atá. Níorbh é leath-chóir Dé é, mara dteagadh cothromacan síneadh na h-uaire ar ais air fhéin." "Dheamhan mórán diol-truaighe í, má tá sí fhéin a faghail cothromacan síne na h-uaire anois ó bhean a mhic. Dheamhan leath-chirt a dhéanfadh sí léithe, dhá mhéad dhá ndéanadh sí uirre, arae mharbhuigh sí fhéin an tsean-bhean bhocht a fuair sí sa teach sin roimpe — máthair an fhir." "Foillseocha Dia É fhéin, ar a' té a dhéanfas an éagcóir. Is iomdha créatúlacht a rinne an diabhlánach sin ar dhaoine bochta, ach tá sé fhéin a' faghail cothromacan síne na h-uaire anois, a's dheamhan mhórán cáis ag aon-duine céard a gheobhfas sé, ach oiread." "Bhí 'power' sáthach fada ag an dream sin, a's má bhí fhéin, b'olc iad faoi. Anois tá cothromacan síne na h-uaire a' teacht orra(b) fhéin, a's go dtaga!" "Dheamhan mórán scéil a' ceann céadna hébrí cé'n millteanas a dhéanfaidhe air. Nach a' deanamh millteanais a chaith sé fhéin a shaoghal! Ach ní móide go dtaithnigheann leis cothromacan síne na h-uaire a bheith 'teacht ar ais ar fhéin anois!" "Mara dtige cothromacan síne na h-uaire ar sa saoghal seo, tá'n chéad saoghal eile roimhe, tús na breithe ag Mac Dé! Níorbh é cóir Dé é, mara gcuirtí peirfhiachaí eicínt air, a's an splíontaidheacht a's an spídeamhlacht a thug sé fhéin do thuille." "M'anam go bhfeicfe tú go dtiubhra an cliamhain cothromacan síne na h-uaire dhó anois, a's má thugann féin is beag a' scéal é, a's an droch-cheann a chaith sé fhéin len' athair bocht." "Is maith an scéaluidhe í an aimsir, a's ní bheadh fhios aghad nach hé cothromacan síne na h-aimsire a thiocfadh ar ais ort fhéin fós."

Cráisiléad = ainm-fhocal; firinscneach; iolraidh — cráisiléid.
Cráisiléad = rampaire de dhuine; duine otruighthe beathuighthe; duine iadhta le feoil; puicneach; duine cuirpíseach; duine a bheadh in a dhamh; béinneach

"Is diabhaltaidhe an cráisiléad é, bail ó Dhia a's ó Mhuire air." "Tá sé in aon-chráisiléad amháin anois, gan fuinneamh gan fáscadh." "Tabhair cráisiléad air! Thuit sé i bhfeoil ar fad le goirid, pé'r bith céard atá sé a chaitheamh atá dhá chur ar a' gcuma siúd." "Sníomhfa sé siúd a' leaba, má theigheann sé chodladh uirre. Tá'n cráisiléad údaidh chúig clocha déag meadhchain, má tá sé taobh leis." "Is beag a' dochar dhó a bheith in a chráisiléad fhéin, a's laghad a chuid maitheasa. (D)ar ndóigh, ní dhéanann sé smeach ó mhaidin go faoithin, ach gróigthe istigh ar a' teallach." "Níor mhór dhi siúd bus ar fad fúithe fhéin — a leithide de chráisiléad." "Má mhaireann di, is gairid go mbí sí in a cráisiléad fearacht a máthar. A's tá dáigéad óg atá ion-churtha síos le ceathrar aca(b)." "Má phósann sé an cráisiléad siúd, dar fiadh, ní mór dhó airgead le na tógáil. D'íosfad sí siúd an t-ádh Mhuimhneach, sé sin, mara bhfuil sí fhéin a's a cosamhlacht in aghaidh a chéile." "Dheamhan isteach a' dorus sin a thiocfad sé anois, tá sé in a chráisiléad chomh mór sin." "Ba deas slachtmhar a' bhean í, a's féacha an sórt fear a fuair sí faoi dheire — cráisiléad mór bun-aosta, a's boilgín chomh rithte air le sac arbhair. Ach chreidim hébí (: pe'r bith) cé'n chaoi 'raibh sé, nó nach raibh sé, go raibh bruighshléacht a's bráigíll air. 'In diaidh an tsolamair a bhío(nn)s a' grádh'." "Is áidhbhéil a' cráisiléad fir a rinne P. Ch. ó chonnaic mé go deireannach é. Tá sé 'na bhruithlín chríochnuighthe anois, maran le ól é." "Is maith an dicheall do'n chráisiléad siúd an bóthar a shiubhal le na bhfuil d'fheoil air." "Fear leigthe scafánta a bhí ann scathamh, ach tá sé tuitthe ar a chéile, in aon-chráisiléad amháin anois; a's gan puth dhá anáil aige." "Is dhó is fusa a bheith in a chráisiléad: is maith í a ghreim a's a dheoch. Dhá gcaithead sé seachtmhain sa gCaladh Mór, a' cur aníos fheamuinne ar a dhruim, deirimse leatsa go mb'fhurasta cuir chuige. Sin é 'bhainfeadh cuid de'n tsaill dhó."

Crao(bh)-mhúr: ainm-fhocal, firinscneach, iolraidh craobh-mhúra, craobh mhúrannaí
Crao(bh)mhúr = múirín gréine, a's é bheith trom; ráig bháistighe teasbaighe.
'Is iondamhail go dtagann an craobh-mhúr leathtromach, a's go
mbeadh sé dhá chaitheamh, a's an scalán gréine ann. Ní bhíonn
sé buan ach oiread. Ar theasbach a' tsamhraidh, a dhéanas
sé craobh mhúra.

"Níl ann ach crao(bh) mhúr." "Caitheann sé cuid mhaith de na craobh-
mhúra sin an tráth seo 'bhliadhain." "Crao(bh) mhúirín gréine é sin."
"Dheamhan dochar sa gcraobh mhúr sin. Sé'n chaoi a n-eireocha an teas
as." "Ba deannachtach a' bháisteach í sin, aindeoin nach raibh
ann ach crao(bh) mhúr. Níl snáth orm go craiceann aige." "Dhá
laghad an craobh mhúirín sin fhéin, deanfa sé leas do'n chur. Nach
bhfuil an bharrann dóighte ar fad ag a' triomach." "Tuille tiormaigh
muise a thiocfas as a' gcrao(bh) mhúr sin, a's má seadh, beidh
cur ó mhaith. Dar príosta tá fataí buailte cheana fhéin."
"Tá sé a' craobh mhúrthaighil aghainne ó mhaidin, a's dubhradh liom
nar chaith sé deoir annseo. Sin é an chaoi a mbíonn sé.
Caitheann sé báisteach an-leathtromach i gcomhnuidhe an
tráth seo 'bhliadhain" = caitheann sé in áiteachaí í, a's téalthuigh
-eann sí thar áiteachaí eile. "Dheamhan fascadh ná dídéan
a bhí agam thuas ar leiceann na sceirde a's buaileadh chuile
dheoir ariamh de'n chraobh-mhúr sin orm. 'Séard a bhí do mo
speidhreadh ar fad, go raibh sí tuitim mar bheithí dhá
dóirteadh as criathar, a's bhí sé 'na scalladh gréine síos
uaim ag an bhFh. B. Níor fhága M. Ph. an portach, a's bhí sé
chomh tirm a's dá mba amach ar leaba chlúmhaighe a d'eireochadh
sé, a's mise in mo líbín." "Sílim nach craobh mhúr é seo,
ach go mbeidh an chuid eile de'n lá briste. Tá an-
duibhthean thiar, a's an t-aer dúinte ar fad. Maran ráig
toirnighe í." "Ba gangaideach a' craobhmhúirín é. D'fhága
sé daoine sraimlidhe (: fliuch, salach)." "Breagh nar
scaoil tú an craobh mhúirín sin thart, a's gan a dhul i gcleith-
eamhnas thú fhéin a fhliuchadh. Diabhal rud a bhuail ariamh thú is measa
ná slaghdán samhraidh. Fhobair gur fhága sé sínte mise annseo
an bhliadhain cheana."

Crámhar (= craithmhúr?), Cramhur = ainm-fhocal, firinscneach.
Crámhar, Cramhar = báisteach a bheadh sé a chraitheadh anuas; roilleadh báistighe ach beodhchan beag gaoithe a bheith léithe; ach deirtear freisin le báistigh mhairbh é, nó báisteach a d'imtheochadh 'na riascannaí; moirt bháistighe.

"Tá an-chrámhar ann." "Tá sé a' caitheamh an-chramhar báistighe." "Is fhearr dhuit scuireadh maran leat thú fhéin a fhliuchadh leis a' gcramhar bhradach sin." "B'fhéidir go nglanfadh sé suas as an gcramhar báistighe sin, as seo, go trathnóna. Ní bhíonn a leithide sin buan." "Ní bheadh an cramhar sin achar a' bith do do fhliuchadh, dhá mbeitheá fúithe." "Sé'n scéal é, níl fascadh in aon-áit ó'n gcramhar báistighe sin, mar sé'n chaoi 'bhfuil sé dhá caitheamh anuas díreach. Is mó an bhrath atá agham leigean liom fhéin abhaile, a's an giota fataí sin a fhágáil go ndéana sé aithdeal: Meastú nar mhaith an beart é?" "Tuige ar fhan tú amuigh do do chailleadh fhéin faoi'n gcramhar caca sin, a's neart breithe agad ar a' rud sin a dhéanamh lá eicínt eile." "Shílfeá go bhfuil goithtí geala ar a' spéir 'chuile phuinnte, a's má tá fhéin is bheag a' maith sin. Dheamhan aithdeala a thiocfas dó, ach ar an gcramhar sin go faoithin." "Níl aon-truaighe le déanamh dhaoib, nar tháinic abhaile fearacht 'chuile dhuine eile. Nach raibh fhios agaibh, nach mbeadh an lá in araidheacht aon-bhuille a dhéanamh, ó thosuigh sé ar a' gcrámhar sin!" "Dheamhan a chos a chuaidh ar fascadh fhéin, an uair ba mheasa a bhí an cramhar báistighe indiu. Sin é atá sanntach ag an obair!" "B'fhearr duinn fanacht scaithín eile, go bhfeiceamuid linn. 'Sé mo mheas go roighneocha an lá as an gcramhar sin 'na dheidh sin, ach foighid a bheith aghainn, tamaillín!" "Is olc í an cramhar bháistighe sin ag fataí, anois. Feicfe tú dubhachan ambáireach nó tá mise ag dul amudha go mór." "Tá chuile shórt in a mhoirt ag an gcramhar sin. Dheamhan cineál a' bith báistighe is sailighe ná í. Dá gcaitheadh sé foracán breagh in éindigh a's eirghe as annsin, níor leath-dochair é, ach tá'n cramhar sin mío-fholláin."

Creachlaois: ainm-fhocal, baininscneach, iolraidh — creachlaoiseachaí.
Creachlaois = mion-obair; obair éasca; obair réidh; giotamáil, siobáil luadhainn timcheall tighe no a leithide; dhá bhfeictheá duine a's an-chosamhlacht oibre air, a's gan é 'déanamh aon-fhoghail mhór ar an obair 'na dheidh sin, déarfá go raibh sé "a' déanamh creachlaois".

"Tá sé a' déanamh creachlaois eicínt annsiúd" = giotamáil. "Dheamhan mórán ar foghnamh a rinne mé an tseachtmhain seo, cé's moite de chreachlaoiseachaí beaga timcheall a' tighe, ach teastuigheann sin fhéin a dheanamh." "Níl sí ag gabhail amach ar a' talamh, ach déanann sí cuid mhaith creachlaoiseachaí timcheall a' tighe." "Bhí mé a' déanamh creachlaois oibre annsin amuigh ó mhaidin." "M'anam gur gearr go mbí sé indon corr-chreachlaois oibre a dhéanamh dhuit anois. Ó thosóchas siad ag gabhail chuig a' scoil chor a' bith, ní aireochthá go mbeidís (: gasúir) ionchongantach." "Tá a chuid creachlaoiseacha oibre ar iarraidh anois" = "tá sé réidh le obair; tá sé ro-chraithte le aon-obair a dhéanamh níos mó." "Is mór is fiú dhi duine eicínt a bheith aice, le corr-chreachlaois a dheanamh a (= de) chongnamh dhi." "Ba diabhaltaidhe an ruaig shlaghdáin a bhí air. Dheamhan creachlaois atá sé indon a dhéanamh fós, th'éis é 'bheith in a shuidhe le coigcighthis." "Ba chuma dhuit é, dhá bhféadthá aon-chreachlaois a dhéanamh 'na thimcheall" = ba chuma dhuit, dhá gcuirtheá cosamhlacht na h-oibre ort fhéin, a's dhá n-eirigheadh leat foghail a' bith a dhéanamh ar an obair aithrid seo. "Tá sé a' déanamh creachlaoiseacha síos faoi'n gcladach má's fior dhó fhéin, ach sílim gurb é cuid a bheagáin a dhéanfas an ceann céadna in aon-áit." "Ceo a' bith anois, ach dhá mbeadh an aimsir go breagh, go ndéanfainn creachlaoiseacha timcheall a' tighe." "Ní dhearna tú aon-chreachlaois oibre indiu?" "Chruinnigh sé cosamar feamuinne a bhí scaipthe sa dúirling, a's thóig sé bearna gharrdha an chladaigh, a's rinne sé cupla creachlaois mar sin, ach a' fánuidheacht a chaith sé an chuid is mó de'n lá."

"Déan 'chuile shórt a shamhlú leis sin, ach creachlaoiseachaí oibre. Ach breagh nar cuireadh fír na maitheasa in am ann!" "Is ait uaidh creachlaoiseachaí a's giotamáil mar sin a dhéanamh, ach níl maith ná maoin leis, le obair shíorruidhe a' bith." "Is iomdha creachlaois a d'fhéadfainn fhéin a dhéanamh, marach go gcaithim freastal do na 'gaedhilgeoirí' sin go h-acht a's go h-áithrid. Sháróchaidís thú, a's barr a' dathamhlacht, ní hé an uair chéadna a dteastuigheann an dinnéar ó bheirt a' bith aca(b)." "Is gearr le dhul orainn a bhfuil sé sin indon a dhéanamh de chreachlaois dhuinn. Is mó sa mbealach é go minic." "Bhí sé a' déanamh creachlaois oibre dhom, ach is mó a mhíll sé ná a leasuigh sé — an diabhlánach." "Ó chuaidh tú dhá dhéanamh a's go ndeaca tú dhá dhéanamh, is tú a rinne an chreachlaois cheart dhó" = níor thug tú aon-déanamh air, ach deanamh maolscríobach.

Créatúlacht = ainm-fhocal, baininscneach, geineamhnach — "créatúlachta"

[Foghar — amanntaí déantar t ar éigin de'n c tosaigh — tréatúlacht]

Créatúlacht = leath-chuma; éagcóir mhór; creachadh; sladadh; tíorántacht; sléacht; mísc; spídeamhlacht; splíontaidheacht.

"D'ágruigh Dia air é, faoi bheith 'déanamh créatúlacht' ar dhaoine bochta mar sin. Rinne sé do-ní ar fhéin as a dheire."

"'San am ba mhó a raibh sé a' déanamh créatúlacht' ar a chuid tionóntaí, leagadh dhá chapall é, a's é 'fiadach lá. Ó'n lá sin amach, níor ól sé aon-deoir bhainne slainte. Bhuail aicíd eicínt é dlúth 'na dhiaidh, a's saothruigh sé an bás go maith." "Chaith sé amach baintreabhach annsin thiar a bhí taobh le páiste amháin. Bhí sagart óg ar a' gC. an t-am céadna, a's dubhairt sé go bhfeicfí na b. fós, a's gan in a gcuid tighthe móra ach na carógaí.

Tháinic an tairngearacht annsin isteach fíor. Dheamhan teach mór dá raibh a' gabhail leo(b) nach bhfuil bánuighthe anois, a's tá leághadh chubhar na h-abhann orra(b) fhéin.

Ba bheag a' scéal iad. Is iomdha créatúlacht a rinne siad ar dhílleachtaí a's ar dhaoine bochta." "Ó ar chuala tú ariamh é, 'má's feall filleann'. 'Sé raibh de bharr na créatúlachta ag na tighearnaí sa deire, cuid mhaith aca(b) a chriogadh, a's iad a dhóghadh a's a loisceadh as teach a's árus." "Má rinne sé an chréatúlacht foillseocha Dia é fhéin air, luath nó mall."

"Dheamhan ar dearnadh an oiread créatúlacht' ariamh i gcaitheamh an tsaoghail ar na daoine a's atá dhá dhéanamh anois. Bhí na tighearnaí sáthach dona, ach ba bheag a' bhrigh iad ar ghualainn na siopadóirí atá ann anois. Tá'n tír bánuighthe aca(b)." "Ba mhaith an aghaidh air é 'mharbhú. Is iomdha créatúlacht a rinne sé fhéin, a's a liachtaighe duine bocht a chuir sé de dhruim tighe." "Ar chuala tú ariamh é: 'is mairg a bheadh go h-olc a's go bocht 'na dhiaidh'. Chaith sé a shaoghal a' déanamh créatúlachta a' bith d'fhéadfadh sé, a's dheamhan luach a bhéilidhe aige anois."

Crigín = ainm-fhocal: baininscneach, iolraidh: crigíní

Crigín = focal Achréidhe ar "chriogaide" = iarraidh bheag, go h-áithrid iarraidh le ailt a' dorna.

"Nach mór a' bhreathas atá ort, nach leigean díom? Cuirfe mise tochas in do chúl le crigín." "Béarfá mé crigín duit a mbeidh cuimne agad uirre an dá lá a's mhairfeas tú."
"Crigín maith isteach ar pholl na cluaise, a theastóchadh uait!"
"Bhuail mé de chrigín é, mar bhuailfeá páiste, a's meastú nar thosuigh sé ag gol chomh h-árd 's 'bhí 'na cheann." "Chuala mé go dtugann a' máighistir seo thíos, corr-chrigín do na scoláirí, a's má thugann fhéin, dheamhan leath a' chirt atá aige leobhtha, arae má fhaghann siad cead a gcinn chor a' bith, eireocha siad in a mhullach." "Is géar a theastuigh na cupla crigín sin ó Pheaitsín. Níl caitheamh ina dhiaidh 'bith agam, (n)ach nachar thug sé tuille dhó, ó bhí a láimh ann."
"Thug sé crigín idir a' gob 's a' tsúil dó." "Fainic a' dtiubhradh sé siúd crigín duit — fainic sin."

Creinneadh, Creinnte etc., cnámh le creinneadh = briathar. (Foghar — crínneadh, crínnte etc. Ach i gcuid de na sean-leaganacha, cuirim igcás "cnámh le creinneadh", "creinneadh" a deirtear].

Creinneadh = (i) Rud a ithe, a dhiúl, a changailt, a phiocadh, a lomadh nó a bhearradh isteach go cnámh nó go grinneal. (ii) Righte i gcoimhlinnt; bun-ar-aon; comh mhaith; gan ionga ná ordlach a bheith ag ceann ar a' gceann eile.

Cnámh le creinneadh (féach thíos). cnámh crínnte na fírinne.

"Níl seamaide féir anois ann. Tá sé crínnte síos go grinneal aca(b)" = beithidhigh a bheadh i bhfear. "Is diabhalta an tomsacht a rinne siad ann a's é a chrinneadh (: chreinneadh) chomh mór sin." = beithidhigh i bhféar. "Bhí fásach annsin, an uair a cuireadh ann iad, a's tá sé crínnte go créafóig anois, i gcruthamhnas duit an té a mbeadh riar gamhna chor a' bith aige, nar mhór dhó an-fhairsinge le na n-aghaidh." "Bail ó Dhia ort! Nach bhfuil Garrdha an Bhóthair crínnte go leic cheana, a's dhá cholapa ann, ó Shamhain seo (chuai)dh thart. 'D'eile cé'n chaoi 'mbeadh sé." "Tá leath-chrinneadh maith tugtha ar na bairr-gharbha sin thuas anois ag an beithidhigh, ó tháinic a' bhliadhain." "Ní beidh sé crínnte ceart muise go dteighe na caoirigh air. An áit nach bhfaigheadh an bhó tomsacht, dhéanfadh an chaora solamar amach air." "Is beag an dochar dá chuid beitheadhach gan bior-eanga a bheith thuas ar a' gcraiceann, ag iarraidh a' crinneadh na mbreaclach sin, a's gan solamar ná súighteán orra(b)." "Tá'n cladach sin síos anois chomh crínnte, a's nach bhfaightheá lán de ghlaice de charraigín ó bhéal an Bhranntra go dtí Gob na Céibhe." "Tá tú as feamuinn muis, má's i dtuilleamuide na roinne siúd atá tú. Nar chrinn muid 'chuile chloch amháin a' gabhail léithe imbliadhna. Dheamhan dosán ann anois, a's ní bheidh aon-fhás a (: de) rath fúithe go ceann cupla bliadhain aríst." "Tá sé in am aghad an cnámh sin a bheith crínnte go maith aghad feasta." "Caithigidh cnámh (ch)uige, go gcrinne sé sa gcúinne é." "Tá sé mar bheadh madadh ann anois a' crinneadh cnáimh, slán a' tsamhail ag a' madadh é!" "Caithigidh anuas na cnámha a d'fhan d'fhuighleach a' dinnéir chuige, a's má tá aon-sciolltar orra(b), tugaigidh

cead dó iad a chrinneadh. Má tá is sciolltar fánach é, sílim. Crinneadh go maith iad dhá uireasbha." "Tá sé a' cnádadh a's a' crinneadh cois' a' phíopa, nó go bhfuil sí ionann's caithte isteach go cloigeann aige anois." "Ní hé a chaith(eamh) (: an píopa) a dhéana(nn)s sé siúd chor a' bith ach an chois a chrinneadh faoi'n fhiacla. Thug mé píopa dhó an oidhche cheana, a's bhí lorga fhiacla indeich n-áit sa gcois, ar a fhághail ar ais dom."

"Is gránna an faisean atá aghad a' crínneadh tráithníní."

"Uair a' bith a dteastuigheadh fios ó Fhionn, chrinnead sé an ordóg isteach go smúsach. Is cosamhail gur 'san ordóig a bhí an fios." "'Dheamhan ceo feola annseo anois agad, mara gcrinne tú cnámha, a's tá mé 'ceapadh dheamhan mórán solamair fágtha orra(b) sin fhéin." "I dteannta thú 'ithe chrinnfead sé do chnámha" = duine a bheadh an-ghearrballach, an-ghéar faoi na theanga. "Ar an - - a crinneadh a cnámha" = bó a goideadh a's a h-itheadh in áit áithrid roimhe seo. "Má fhaghann sé siúd aon--leigean ar do choileaichín, an bord ní fhágfa sé go gcrinne sé an cnáimh deireannach, arae tá sé dúlaidhe ag a' bhfeoil." "Tá na h-ingne crínnte dhíom ag fleascannaí" = tá na h-ingne roiste anuas díom de bhárr sceabhannaí feamuinne a's sceallógaí de'n tsórt sin a dhul fúthu. "Ná bac le bearradh! Tá sé crínnte. Tóig sé an for-chraiceann dhe fhéin idteannta na feasóige." "Is aibéiseach a' bearradh a tugadh air, hébrí cé' bhain an ghruaig de. Tá cuislí thrídh na mhullach a's iad crínnte isteach go cnáimh, a's in áiteachaí eile, níl ann ach gur sceadadh barr na gruaige." "Tá sceanna aca(b) siúd chomh géaruighthe a mhic ó, a's go gcrínnidis an cnáimh, ní áirmhighim thú 'sháthadh. Sin iad ar chuma ar bith a chuirea(nn)s 'an faobhar 'un sáithte' ar a gcuid sceanna." "Tá a ghiall chomh crinnte caithte le gob siosúir." "Chrínn sé an cnámh go dtí an grinneal." "Ní mór do'n bhó féar a fhaghail a mbeidh sí indon a teanga a chasadh air, ach tá'n capall indon é a chrinneadh. An áit a gcaillfidhe an bhó mhairfeadh an capall ann, an chaora ar an gcapall a's an ghé ar a' gcaora."

"Tá na báid a' crinneadh a chéile" = tá siad a' coimhlinnt a's tosach ag ceachtar acu ar an gceann eile; iad a bheith bonn-ar-aon 'sna geallta. "B'fhiú dhuit an churrach thiar a's currach abhaile seo a fheiceál a' crinneadh a chéile 'sna geallta. Dheamhan ionga ná ordlach a bhí ag ceachtar aca(b) ar a chéile, nó go raibh siad fhoisceacht dhá bhuille iomhramha de cheann cúrsa. Sin é an uair a chuaidh na maidí in ascar ar a' dream thiar, a's chailleadar an geall." "Is fada a chaith an dá bhád a' crinneadh a chéile, ach scoth bád Chonamara an ceann eile 'na dheidh sin. Dheamhan fhios agham a scothfadh muise, marach gur thug siad fairrge de'n bhalasta, nuair a thosuigh sé a' teacht gann ar a' ngaoith." "Bhí an dá phúcán tosuigh a' crinneadh a chéile, chomh uain's mhair flaim a' bith as aer, ach nuair a chuaidh sé ar lagar críochnuighthe, bhuail púcán Ch. S. púcán na n-oileán sa tornáil. Mar sin fhéin, ní fhaca mé aon-gheallta ó tháinic cuimne dhom, a chinnfeadh orra(b)." "Is olc a chruthuigh sibse nuair a bhí sib fhéin a's bád R. a' creinneadh a chéile ar a' mbord amach, nar shnámh sib amach os a gcionn a's iad a phlúchadh. Gheobhaidís rud le déanamh an uair sin í a thabhairt glan ar an mbuaidhe." "Ní raibh ciall a' bith agaibh a dhul ar chúrsaí, agus sib fhéin a's an bád eile a' creinneadh a chéile. 'Séard a bhí agaibh a dhéanamh an uair sin scód a thabhairt di. Ní raibh baoghal a' bith go gcaithfí thart an seol. Tá bádoireacht mhaith agaibh chois teallaigh, go dteighe sib ar chlár na h-imeartha. Ní fhanann fuis nó fais orraibh annsin." "Bhí an choimhlinnt chomh géar orainn, a's currach na bhF. dhá'r gcreinneadh, a's gur bhuail faitchíos mé, nuair a chasfadh muid ar ais, sa gcóir, go ndéanfad sí puca dubh a's dubh dhínn." "Marach gur bhris an croga buaic orainne an uair sin a raibh muid fhéin a's currachthóirí na T. B. a' crinneadh a chéile, dheamhan fhios agam, cé'n chaoi a ngabhfadh an geall. Ach is mór a chuir an méid sin dhá'r mbuille muid." "Dhá mbeadh indán's go bhfáisceadh sibse, tuille seoil ar a' mbád se'agaibh fhéin, a's an dá bhád a' crinneadh a chéile, bheadh agaibh." "Tá'n bheirt a' crinneadh a chéile leis an gcloich-phuis." "Is fada a chaith an dá chapall a' crinneadh a chéile, ach rug an capall donn a' geall sa deire."

"Cnámh le crinneadh" = fuighleach le déanamh; é chuir go snaidhm go stothaighe, go poll a' chladhaire, nó go snaidhm a' rópa; a chur ar a mhionachaí (: miondachaí?); gan tada 'bheith le reic agad, aige etc. uaidh, do crobhneart. "Foighid ort a mhic ó. Dar mo choinsias tiubhra sé siúd cnáimh le creinneadh dhuit. Feiceamuist fágh an ceann is fhearr air!" = tiubhra sé fuighleach le déanamh dhuit an ceann is fhearr a fhaghail air le na fhéachaint a' troid, a' carruidheacht, ag gabhail fhuinn nó pé'r bith rud a bheadh igceist. "Dar brigh an leabhair, thug sé cnámh le creinneadh dhom é iomchur chor a' bith as a dheire, th'éis go sílfeá gur suarach a' maingín é. Seacht scíth ab éigean dom a leigean leis ó bhéal a' bhóthair go dtí seo. 'Is trom cearc i bhfad' adeir siad." "M'anam go dtiubharfa sé cnámh le crinneadh dhó, an garrdha a bheith críochnuighthe amach aige indeire na seachtmhaine seo. Shílfeá nach mbeadh fairsinge 'bith sa gcúilín siúd atá gan cur, ach tá sé buan 'na dheidh sin fhéin." "Deirimse leat gur thug sé cnámh le crinneadh do Sh. Mh. a bheith réidh in am. A's ní bheadh marach a bhfuair sé de chongnamh." "Dar príosta tá cnáimh le crinneadh aghad a's an baile a dhéanamh ó ló." "Thug sé cnámh le crinneadh dhom, a's é 'scothadh ar a 'mbicycle', dhá laghad de phutach é. Ach cá bhfágfad sé é? Is dual dó a bheith cruadh fíreamhail." "Gheobha sí cnáimh le crinneadh 'passáil', a's a laghad áirde a's a thug sí ar a cuid leabhar ó tháinic a' bhliadhain." "Dar mo choinsias má chuireann sé mórán araoide ar Sheán, gheobha sé cnáimh le crinneadh uaidh." "Déarfainn má thagann cruadhtan mór a' bith an geimhreadh seo, go dtiubharfa sé cnáimh le crinneadh dhuit é 'shárú. Tá leath-chailleadh maith cheana fhéin ort, ach giorrócha an fuacht seo leat" [as greann]. "Mise a bhí casadh (: na mbord) a's eisean a' cur isteach na claise, a's dar príosta, thug sé cnáimh le crinneadh dhom coinneál leis." "Má tá indán's go racha sé a' dréim le S. gheobha sé cnáimh le crinneadh uaidh, feicfe tú fhéin air." "Mara bhfuair sé cnáimh le crinneadh indiu ó'n gcarracháinín beag, ní bhfaighe sé aríst go bráth é." "Dar mo leabhar gheobha sé cnámh le crinneadh a dhul isteach 'san 'election' seo."

"Níl sa méid sin ach cnámh crínnte na fírinne" = níl sa méid sin ach an fhírinne ghlan; lom na fírinne; an fhírinne a's gan tada curtha léithe ná bainte dhi; corp na fírinne; corp-lár na fírinne. "Má chaith féin, níor chaith sé ach cnámh crinnte na fírinne — fear as bealach a d'fhéadfadh aon-mharach a fhaghail ar ar dhubhairt sé." "Tá maith mhór duit cnámh crínnte na fírinne a dhéanamh leis sin. Nach hí a cheird sin an fhírinne a chuir as a riocht!" "Cnámh crínnte na fírinne! Seadh, cnámh crínnte na fírinne as clár na mbréag. Sin é é!" "M'anam muise gurab shin í an chainnt a chaith sí liomsa, a's dheamhan aithne a bhí uirre, narbh í cnáimh crinnte na fírinne chuile focal di." "Mhionnuigh sé a's theastuigh sé dhom, nach raibh i bhfocal dhár dhubhairt sé, ach cnámh chrínnte na fírinne ach d'aithneochadh aon-duine beo uirre, go raibh luighe na bréige uirre." "Tá sé indon an oiread craicinn a chur ar a' mbréig, a's go sílfeadh aon-duine a bheadh ag éisteacht leis gurb í cnámh chrínnte na fírinne 'bheadh aige." "Is cuma dhuit, cé'n caillteamas a bheidheas ort faoi, ach ná h-innis ach cnáimh chrínnte na fírinne dhó." "Sháruigh sé siar i mo bhéal gur a' sceithligeadh bréag a bhí mé aindeoin gurb é cnámh chrínnte na fírinne a bhí is chuile fhocal amháin dár dhubhairt mé." "Ná tabhair t'anam air. Is maith atá fhios agad nach hé cnámh chrínnte na fírinne é, ná tada dhá shórt." "Chuirfead sé sin an dubh in a gheal ort dá ngéillteá dhó. Chloisfeá a' cumadóireacht é, a's dheamhan aithne air nach hé cnámh chrínnte na fírinne a bheadh aige." "Sin é cnámh crínnte na fírinne, chomh maith a's dá dtagad sé ó bhéal a' tsagairt." "Géillfe siad i gcomhnuidhe do'n bhréag, ach dheamhan áird 'bith a thiubhras siad ar chnáimh chrínnte na fírinne. B'fhearr do dhuine a bhéal a choinneál ar a chéile, ná a dhul i gcleitheamhnas rud a' bith a chur isteach in a gceann."

Críoch = ainm-fhocal, baininscneach, uimhir iolraidh — críocha.

Críoch = (i) tír, talamh, bólaí, límistéar, réigiún, réim, ruta. ["Crígh" a deirtear]

(ii) deire, ceann, teorainn, corr, ciumhais, bord, bruach.

(iii) deagh-bhail, droch-bhail, rath, mí-rath, pósadh, bás, Neithe deireannacha an tsaoghail.

(iv) i gcion; i bhfeidhm, críochnú faoi shlacht

(v) [Crígh adeirtear] — tom mhór dhriseachaí, nó áit a mbeadh droighean, catógaí nó sceacha geala cairighthe amach ar a' talamh ann; breaclach sceachach, thomach; muine [iolraidh — crícheannaí, crícheacaí].

[Ní móide go bhfuil aon-bhaint ag (v) le "críoch" chor a' bith].

"Crígh Fódla," "Crígh Banban, "Crígh Mhuire", "Dhá Chrích Mhuire". "Crígh Fáil" "An Chrígh Dhubh" [ainm baile fearainn, ach b'fhéidir gur [v] réamhráidhte atá i gceist annseo. Tá neart acu ann, ar aon-nós!].

"Dhá mbeadh airgead Chríche Fódla aice, dheamhan a cos a phósfainnse, ná cuid dhá cos." "Dhá mbeadh airgead Chríche Fódla ag duine, cé'n mhaith dhó é, ó cuirfidhear é. Ní fhéadfa sé aon-pighinn di a thabhairt 'san uaigh leis." "Dhá mbeadh a bhfuil de fuisce igCrígh Fódla agad anois, sé'n chás amháin liomsa é. Níl mo phlé leis."

"Is uirre a rinne sé roghain thar mhná Chríghe Fódla" = is di a thug sé taithneamh thar mhná na h-Éireann. "Dubhairt sé nach bpósfad sé aon-duine de mhná Chríghe Fódla, mara bpósadh sise é, a's nach breagh gur phós 'na dheidh sin." "Dochtúirí Chríghe Fódla, a's ní dhéanfaidís aon-mhaith do dhuine, má bhíonn a' bás air. Nuair a bheidheas do lá caithte, caithfe tú imeacht."

"'Dochtúirí Chríghe Fódla, a's ní leigheasfaidís mo chás, go dtáinic Péarla an bhrollaigh ghléigil, a's gur rug sí ar mo láimh'" [as amhrán]. "Is beag a' mhaith a dhéanfadh talamh Chríghe Fódla dhó anois. Tá a chuid maitheasa ar iarraidh." "Dhá mbeadh arán Chríghe Fódla bruithte aghad anois, ní íosfainnse (t)íos (: níos) mó. Tá mé díreach leis. "Níl aon-fhear i gCrích Banban indiu is measa ná is uilce ná é." "Dheamhan bean i gCrígh Banban is lugha ciall ná í, a's a dhul a' déanamh cleas' de'n tsórt sin."

"Ní chuirfeadh a bhfuil de mhaighistirí scoile i gCrích Fáil, aon-

cheo foghluime isteach in a cheann-sin. B'fhearr leigean dó ar fad." "Tá sé in a chomhnuidhe ar an gCrígh Dhuibh" (ainm baile fearann). "Casadh liom é ag ceann bóithrín na Críghe Duibhe" (an áit chéadna).

"Chuirfeadh sé dhá Chrích Mhuire thrídh na chéile le na chuid cumadóireacht'" = chuirfeadh sé an baile, nó'n tír a' troid; dhéanfad sé dhá mhuinntir d'aon-dream le na chuid bréag. "Níl guth 'bith aghainn ar a' nathuigheadóirín sin. Tá'n oiread gnaithí aige, a's go gcuirfead sé dhá Chrích Mhuire in árachaí a chéile, a's thiocfad sé féin saor as a' tromfhásc." "Dheamhan righeachan a' bith le M. Dhá dtugtaí aon-áird ar a chuid cíble, chuirfeadh sé dhá Chrích Mhuire in adhar a chochaill, de ghrádh magadh a's gáiridhe a dhéanamh fútha(b) aríst, é fhéin." "M'anam muise go bhfuil ceann a' réidhtigh istigh anois, ceann a chuirfeadh Crích Mhuire de dhruim seoil, in achar gearr." = fear cothuighte achrainn críochnuighthe é an té atá istigh anois. "Chuirfeá Crígh Mhuire thrídh na chéile le do chuid ealadhaine a's cainnte. Breagh nach bhféadfá forus a dhéanamh uair eicínt, a's gan a bheith ar aon-táirm amháin i gcomhnuidhe." "Chuirfeadh an ceann céadna Crích Mhuire thrídh 'na chéile le neart bréag, a's mhionnochthá 'na dheidh sin, mara mbeadh aithne aghad air, gurab í clár na fírinne a bheadh aige le 'chuile fhocal." "Ní sa gcainnt a chaill sé sin é ar chuma ar bith. Tá'n oiread cainnte aige, a's a chuirfeadh dhá Chrích Mhuire thrídh na chéile." "Dheamhan baile a mbeidh an bhean sin istigh air, nach baile reicthe é. Tá sí indon Crígh Mhuire a chur thríd na chéile, a' seadú scéalta, a's a' tarraing anuas sean-síothmálachaí a bhí fadó an lá ann. Dheamhan beirt ar a' mbaile seo, nach a' maslú a chéile atá, 'chuile ré soluis, a's is ise is cionntach leis, ó thús deire go tosuigh." "Sin é a mbeadh sé sin a iarraidh — dhá Chrígh Mhuire a chur in árachaí 'chéile, dá bhféadad sé é." "M'anam muise, má thagann, gur beag a' ghairm a bheidheas annseo roimhe. Ní éadáil mhór a' bith é sin a bheith i bhfad ar a' mbaile. Chuirfead sé Crígh Mhuire in árachaí a chéile."

"Na críocha déigheannacha — bás, breitheamhnas, ifreann, a's flaitheas."
"Dhá gcuimnigheadh duine ar na Críocha Déigheannacha, sáthach minic,
is beag a' pheacadh a dhéanfad sé, arae ní leigfeadh a'
faitchíos do." [Tá dán diadha fada ann a dtugtar na
Críocha Déigheannacha air, a's tá sé ag roinnt mhaith de na
sean-anndúirí: Tosuigheann sé mar seo: —
"A Dhuine ná smaoinigh ar nidh gan éifeacht, ach smaoinigh
go minic ar na Críocha Déigheannach'
Mar 'siad is fuide a rachas i bhféidhm dúinn, a's a
bhéarfas ar n-anam go Cathair na Naemh Geal"]

"'Ar bharr na binne 'bhío(nn)s críoch'" = sean-fhocal = ní bhíonn
teach críochnuighthe go mbí an chloch spideoige air. Is amhla le
chuile rud eile é: má fágtar oiread na frighde fhéin de rud gan
chriochnú, beidh ath-shaothar a's tuille anró air. Uime sin, má
teightear a' déanamh an rud, is cóir bal chríoch a chur air amach
a's amach air, nó gan aon-lúb ar lár a fhágail ann.
"Tá an méid sin déanta, go leige Dia slán na daoine. 'Ar bharr na
binne a bhío(nn)s críoch', seadh sin."

"Is olc a' chríoch a' bheidheas air sin fós, tús na breithe ag Mac
Dé. Dheamhan duine dhá ndéanfa an éagcóir nach bhfoillseocha
Dia É Fhéin air, luath nó mall." = is olc a' deire a bheidheas
aige sin fós (: gheobhfa sé anbhás, bás le droch-thinneas, déanfa
sé do-ní air fhéin, tiubharfa sé droch-chor dó fhéin, beidh
an anachain ar a thí, go ngiorruighe sí leis etc.), ach níl
muide ag dul imbarr A bhreitheamhnas ar Dia. Nar
leige Dia go rachadh! An té a ghníos eagcóir, tuiteann
dioghaltas Dé air má's fad gearr go dtí é. "Ní fhéadfadh
aon-chríoch ar foghnamh a bheith ar a' gceann céadna
arae ba h-olc é fhéin, agus is iomdha créatúlacht
a rinne sé ar bhoicht na tíre." "Chaith sé an
tsíorruidheacht ag imtheacht indiaidh a chinn roimhe i Meriocá. Dheamhan
fhios agham, cé'n chríoch a bhí air faoi dheire, ach measaim nach
hé an deagh-chríoch í, ar chuma 'r bith." Beidh sé ag imtheacht mar sin gan
críoch gan rath, go deo."

Críoch [críoch an iarainn — Muigh Cuilinn] = scríb idir dhá ucht; scríb ceann uicht; an scríb ag éadan uicht treabhtha.

"Sin í an críoch." "Sin í críoch an iarainn." "Ná leig a' céachta as do láimh indiu, go dteighe tú go críoch." "Is fada uait críoch fós." "Bhfuil tú 'brath air críoch a fhágáil annsin?"

"Tá a chlann inghean fré chéile i gcrích aige." "Is maith atá an saoghal a' féithiú leis, má tá a chlann igcrích fré chéile aige" = pósta. "Má tá a chlann inghean igcrích aige, bíodh sé buidheach do mhuinntir Meiriocá, a choinnigh airgead spré leis. Marach sin dheamhan brat pósta a thiocfadh ar aon-duine aca(b) le na marthainn — in Éirinn ar chaoi ar bith." "Fágadh in a baintreabhaigh í, a's a h-áilín ar fad ar aon-chéill, a's inDomhnach is maith a chruthuigh sí a's iad uilig a chuir i gcrích — a's igcrích faoi shlacht!" "M'anam má tá siad i gcrích, nach aon-spré a bhí an t-athair indon a thabhairt dóibh a d'fhága igcrích iad, nach hé sin. Dheamhan luach a bhéilidhe a chonnaic muide ariamh aige. Ach ba mná piocamhla triollúsacha na gearrchaileadha fhéin, a's níor mhór dhóib sin, ar shon an leaduidhe is athair dóib." "Tá cumaoin in áithrid duit sa teach sin, muis, má teigheann tú ann. Ach d'eireochadh dhóib. Nach bhfuil 'dís ban óg', mar deir a' t-amhrán le cur i gcrích ann fós, a's cá bhfaigheadh duine aca(b) fear is feilmheanaighe ná's puinnteáilte, ná thú fhéin bail ó Dhia ort!" "Níl ann anois ach M. siúd — craitheadh an tsacáin, a's tiocfa sí sin, í fhéin, i gcrích go goirid." "Tá siad i gcrích uileag aice anois, cé's moite de'n inghin is óige, ach is deacair í sin a shású faoi fhear. Ní mór léithe an togha a fhaghail." "Chuaidh sí ó chrích" = níor cuireadh i gcrích í; níor phós sí [bíonn sé igceist freisin leis, go dtiocfadh "cuileann gan dóghadh" le bean; ach is annamh é. "Cuireadh ó chrích í", is mó adeirtear leis sin]. "Mara bhfuil mé ag dul amudha go mór, is bean í sin a thiocfas (: rachas, ghabhfas) ó chrích. Bhí neart le faghail aice, ach níor thapuigh sí a deis. A' dréim le buic mhóra a bhí sí igcomhnuidhe, a's gan aon-áird aca(b) sin uirre. Anois, tá sí fágtha ar a' tráigh thirm." "Níl fhios agham céard a bhain di chor a' bith a dhul ó chrích, mar chuaidh sí. Deir siad, go mbadh bean óg chomh breagh í, a's a d'fheicfeá in do shiubhal lae. Tá a chomharthaidheacht le na cois, freisin. Tá sí indiu a's an lá sin amhla." "Níl sí ó chrích fós, aindeoin go bhfuil sí amach go maith 'sna déaga a's fiche. Gheobha sí

cráinfhear mór Achréidh; gan aon-choisméig siubhail, a gcinnfe air aon-bhean 'fhaghail is na bólaí s'aige fhéin." "A cuid leithid a's postamhlacht' fhéin a d'fhága ó chrích í, a's ní hé a mhalrait." "Is maith a chruthóchas sí nó tiocfa sí ó chrích. Ní hé a mhalrait dhe chosamhlacht atá uirre anois. Tá'n ghrian a' dul siar a's gan aon-fhear dhá h-iarraidh."

"Chuir sé ó chrích í" = chionntuigh sé léithe, a's níor phós sé í.
"'Níor chliú dhuit mé a chur ó chrích'" [líne d'amhrán]. "Ní cliú a' bith de dhuine gearrchaile mar sin a chur ó chrích." "Tá sí curtha ó chrích go bráth aige anois, an scaibhtéara." "Tá ceann eile ann a cuireadh ó chrích fadó an lá. Fear as G. a bhí tugtha síos léithe."
"Ní fhéadfadh a' t-ádh a bheith ar aonduine mar sin a chuirfeadh gearrchaile bocht a' bith ó chrích." "Chionntuigh sé léithe, a's chuir sé ó chrích í." "Tá sí curtha ó chrích anois ar chuma 'r bith. InDomh -nach chuaidh cuileann gan dóghadh léithe, ní dhá roinnt léithe é!"
"Shílfeá go mbeadh náire air é fhéin a thabhairt le teasbánadh as comhair duine ar bith, th'éis bean a chur ó chrích."
"Dhá ba aonduine eile a chuirfeadh bean ó chrích mar sin, d'imtheochad sé indiaidh a chinn roimhe, a's dheamhan a chos a thaobhóchadh an baile go deo arís. Ach dheamhan a dhath náire ar siúd." "Nuair nach bhfuil sé sin leaighte le eascainidhe, a's a liachtaighe bean ó chrích aige, ní dhá roinnt leis é!" = is iongantach nach bhfuil sé leaighte ag eascainidhe a liacht bean a's a chur sé le fán a' tsaoghail. "'Séard a bhí le deanamh le na leithide sin, a chuirfeadh bean ó chrích a's ó rath, breith air a's bró-mhuilinn a chur faoi na mhuineál, a's é 'chaitheamh amuigh ar a' bhfeath mhóir. Bheadh sé sáthach maith aige, a's ro-mhaith — an bitheamhnach." "Nár theighe ó chrích ach í!" = eascainidhe. "Nár theighe ó chrích ach í gan dochar gan díoghbhail dúinne, ná dhár nduine fhéin!" "Bhí fhios agham, gur ó chrích a cuirfidhe í sa deire, a's an súnás a bhí uirre. 'Sí a bhí leigthe léithe fhéin, gan ceannús ceann a' bith!" "Ba bheag an áird a bhí aice sin ar chomhairle athar ná máthar, ach deanamh mar a thogair sí fhéin. Beidh a shliocht uirre anois. InDomhnach b'fhéidir go gcaoinfead sí fhéin sin anois, a's í ó chrích go bráth."

"Deagh-chríoch ort a mhic ó!" = beannacht mar bhuidheachas de bharr gar nó soighleasa a dhéanamh. [Déarfaidhe go h-áithrid é le duine nach mbeadh pósta fós]. "Deagh-chríoch ort, agus go dtuga Dia fear mór maith dhuit!" "Deagh-chríoch go gcuire Dia ort, a's nar fheice sé an fhad sin de luighe bliadhna ort choidhchin!" "Deagh-chríoch ó Dhia ort!" "Deagh-chríoch go raibh orainn (againn) ar fad!" = nar eirighe aon-do-ní dhúinn! "Deagh-chríoch go raibh ar chuile chréatúr!" "Go gcuire Dia deagh-chríoch ort!" "Droch-chríoch ort!" = eascainidhe [bíonn sí an-choitciannta in áiteachaí faoi Chonamara siar, ach níl mórán gangaide fanta innte] = léan-scrios ort! = "Droch-chríoch ort!" = "Scread-mhaidne ort (uait)!" "Droch-chríoch ort, le caoi a bheith ort, nach ndéanfadh su(a)imneas in áit eicínt!" "Droch-chríoch air, marab é a chaithfeadh an bhail a chur air fhéin! (: le ól)." "Droch-chríoch orrab (: bréagáin ag páiste, a's é 'deanamh torainn leo; a's a' bodhrú a raibh istigh) agad, nach n-éisteann leo(b) uair eicínt, a's suaimneas a thabhairt do na daoine." "Droch-chríoch air fhéin, a's ar a chuid asal, nach gceangl-uigheann, nó nach gceannsuigheann iad, fharras iad a bheith ag imtheacht faoi'n scuir mar sin 'chuile lá 'sa mbliadhain." "Droch-chríoch ar a shean-'bhicycle' aige! Dheamhan ceo, le go dtiubhrad sé chuig an siopa thú le cruadhóig, a's diabhal aithne air 'na dheidh sin, nach fiú ór é." "Droch-chríoch orra(b) fhéin a's ar a gcuid dlighe, mara deas a' chaoi ar aos óg é, nach bhféadfa siad cois a bhualadh ar phort aon-oidhche Domhnaigh 'sa mbliadhain, maran leo(b) póilíos a bheith ar a dtí." "Ara droch-chríoch orra(b) mar mhná. Ná déan a samhailt chor 'bith liom. Ní beag dhóib a bhfuil thar bharr a gcéille aca(b) cheana, a's gan an cleas céadna a dheanamh liomsa" = shoraidh dhaob (: díob) mar mhná. "Droch-chríoch uirre mar scillingín ghágach, marach leisce a dhul dhá caitheamh suas, ní thiocfainn ina coinne chor ar bith" [: 'sé a raibh 'sé a fhaghail scilling 'dole']. "Droch-críoch air aghad. Breagh nar lom tú in am é, fharras a bheith dhá choinneál a' seideachan annsin in do ghlaic!" [cíonán nar tugadh in am].

"Ar chuir tú do chúis i gcrích?" = i gcion; ar eirigh leat? a' bhfuair tú an rud a bhí tú a iarraidh? "Th'éis a bhfuil faighte d'easonóir agam uaidh, chinn orm mo chúis a chur igcrích 'na dheidh sin." "'Bhris a' bhodaighil thríd a' mbodach, th'éis a chúis a chur igcrích'" [leath-rann filidheachta, atá ag na daoine].

Crích = carcair nó láithreachán droighin, sceach gheal, nó catóg muine dhriseachaí a bheadh cairthighthe amach; breaclach sceacach. [Crígh adeirtear].

"Tá crígh dhriseachaí ann." "Tá brocach istigh i lár na críche sin." "Tá na crícheannaí (crigheannaí) sin druidthe le coiníní." "Dheamhan goir a bheadh ag madadh 'bith iad a leanacht isteach is na crígheannaí sin. Tá siad ro-achrannach a's ro-choiligneach." "Tá'n coinicéar istigh i gceartlár na críche. Coinicéar dhubhshlánach í freisin. Do chumhachta cinn, ní thiubharfadh aon-choinín aiste." "Tá na driseachaí siúd a' cairthiú amach, ar fud a' gharrdha. Is gearr go mbí crích dhiabhalta ann, mara dteightear rómpa in am." "Tá a chuid talmhana faoi chrícheannaí as cnáimh éadain. "Níorbh fhlearr do dhuine am a's congnamh le na réidhteach." "Tá sé chomh cantalach le crích dhriseachaí." "Tá mo chuid éadaigh stiallta, a's mo chraiceann roistighthe ag na crícheannaí bradacha sin siar. Dheamhan tada uaibhreach i mBaile an Gh. ach driseachaí a's droighean!" "Thárluigh an Púca leis é, a's chaith sé isteach i gcrích mhóir annsin thiar in íochtar Sh. Ú. é. Badh shin í an 'mharcuigheacht go Gaillimh a's cead siubhal abhaile' ar chuma ar bith. Deir siad go raibh sé míllte gearrtha ar a theacht abhaile dhó." "Dheamhan crích ná tom ar a' mbaile nar casadh orainn! Is ait a chruthuigh muid a's ar mbealach a dheanamh chor ar bith, a's chomh dubh a's bhí an oidhche." "Ba mhaith an dóigh a dhul a' coinnleoireacht anocht 'sna crícheannaí sin síos. Lonnuigheann a' saoghal bráthach éanachaí ionnta(b) anois." "Tá a bhfuil de chrícheannaí annsin beo beithidheach le coiníní, ó leig mise as an gconfairt." "'Beirimse mo mhallacht' adeir sé 'do chrícheannaí an T.', a's bhí ughdar aige. Deir siad dheamhan snáth éadaigh a bhí air, ach streachlán de léine ar a theacht amach ar a' mbóthar dó."

Criogaide: Ainm-fhocal: Baininscneach: iolraidh: criogaidí.
Criogaidhe = iarraidh bheag, nó cnagairt, go h-áithrid iarraidh a bhéarfá uait le ailt do dhorna

"Bhuail sé criogaide orm." "Má thugaimse criogaide dhuit, feicfe tú fhéin air, go bhfanfa tú suaímneach." "Thug sé criogaide de na h-ailt dhom aniar sa gcúl, a's dheamhan bréag nach hé a ghortuigh mé." "Is fánach a' chriogaide a' ghortóchadh duine ar a' tsúil. An tsúil, an ghlúin a's an uillinn, na trí áit nach bhfuil fulannach ar thada." "Is beag a' chriogaide uaidh siúd, a dhéanfadh smíste de dhuine. Nach bhfuil sé chomh láidir le Goll Mac Móirne!" "Dheamhan lúd ná láthar sa dithreabhach siúd. Má thugann tú aon-chriogaide amháin dó, fágfa tú sínte é."
"Má thugaimse criogaide dhuit cuirfe mé codladh ort." "B'fhearr dhuit gan a bheith 'míoladóireacht liomsa, nó mo choinsias, (a)'s dar m'anam, tiubhra mise criogaide dhuit a gcuimhneocha tú uirre." "Deir siad nach mbeadh call duit a thabhairt do dhuine ach criogaide sa gcamóig ara, a's nach bhfágfá deoir ann."
"Bhuail sé criogaide beag de'n mhaide ar a' mbó, ach bhuail sé 'san áit chontráilte í, ar a' dúil fhiadha. Dheamhan easna dhi nar thuit in a staic ar a' mbó. Dhá mbeadh sé de mheabhair ann, 'séard a bhí aige a dheanamh, laisc eile a thabhairt di, ar a' taobh eile, a's ní fhágfad sin aon-cheo uirre." "Buail duine eicínt eile. Níor dhligh mise do chuid criogaidí uait chor a' bith." "Ní dhéanfa mise aon-ailtíní leat, arae tá criogaide uait chomh géar le rásúr."
"Is measa criogaide uaidh siúd, ná dhá dtugadh duine eile a shean-dorna dhuit." "Má thugann tú aon-chriogaide dhomsa aríst, diabhal mise ann, mara bhfaighe tú cumaoin do láimhe. Mar sin, b'fhearr dhuit, eirghe as in am." = má bhuaileann tú de chriogaide mise aríst, ní bheidh agad ach malrait (= buailfe mé criogaide ort in omós, criogaide is mó b'fhéidir ná thug tú fhéin uait). "Leig de do chuid criogaidí anois. Dhá gcuirtheá-sa aníos, gacha le cliabh feamuinne liomsa ó mhaidin, deirimse leatsa, go mb'fhurasta cur chugad anois."

Crochaille: [Crothachaille]: ainm-fhocal, firinscneach: uimhir iolraidh: crochaillí.

Crochaille: Réama roighin a chuirfeá aníos as do scóig, dhá mbeadh do phiobán ceangluighthe ag a' slaghdán. Caitheann duine an-anró a chuir ar fhéin go minic, le na sceadamán a réidhteach, a's le na crochaillí a chur aníos.

"Tá mo phíobán calcuighthe le crochaillí." "Airighim mo mhuineál chomh ceangluighthe le na bhfaca tú ariamh, a's cinneann orm thar corr-chrochaille a chuir aníos 'na dheidh sin." "Ó bhuail a' slaghdán sin mé, tá'n oiread crochaillí orm, a's a chonnaic tú ariamh." "Tá sé 'cínnt orm mo sceadamán a choinneál réidhtighthe cor a' bith ag crochaillí slaghdáin." "Tá sé an-tslóchtuighthe, a's é 'cur aníos chrochaillí móra roighne 'chuile phuínnte." "Ní fhéadaim labhairt chor a' bith le na 'bhfuil de chrochaillí a's de réama calcuighthe thíos in mo scóig. Shílfeá go mbeidís aníos in aoinfheacht agad, a's bheadh a' sos céadna aríst ann, ar a' bpuinnte." "'Sábhála Dia sinn, ní crochaillí cearta iad sin chor a' bith. Tá siad chomh roighin chomh géar a's uisce glas thríotha(b)." "Tháinic racht casachta air, a's chuir sé cláirseach de chrochaille mhór amach, a raibh leithead do bhoise ann." "Bím plúchtaí ar fad, amanntaí, nuair a bhuailea(nn)s an racht mé, a's tagann an oiread crochaillí aníos as mo mhuineál, a's bíonn cliar in mo phíobán, ach dheamhan cailleadh a' bith a bhío(nn)s aríst orm, nuair a fhaghaim réidh an achair." "Ní thaithnigheann na crochaillí sin chor a' bith liom. Tinneas gorálach é an slaghdán sin, agus is furasta leis a dhul in ainsil, mara dtuga duine aire mhaith dhá fhéin air." "Déanann na crochaillí cnap thíos in mo mhuineál, a's bíonn siad chomh roighin, a's gur deacair iad a chur aníos. Ní fhaghaim a' cainnt liom aca(b), go ceann fada scaithtí." "Caith siar a' bolgam

seo, a's réidhteocha sé do scóig ar na crochaillí sin."
"Ní ghearrfadh tada na sean-chrochaillí géara seo anois, ach
a' braon broghach" = "badh é tús a' phota an buachaill aca(b)!"
"Mara bhfuil ag Dia, tá mé a' tolgadh na h-aicíde. Furasta
'aithinte é, a's na crochaillí atá in mo mhuineál." "Má
fhaghann tú cupla lá eile de na laetheantaí seo, thuas ar
a' righteacht siúd, beidh crochaillí ort!" = cuirfe an
fuacht a's an deártan atá san áit bhinn-tséideamhail
úd, slaghdán a's réama ort." "Ní chuideocha an
síon adhmaid seo le mo chuid crochaillí" = neartócha
an ghaoth adtuaidh seo criotán a's réama in
mo chrioslaigh. "Is mór an uais é; a' caitheamh amach
crochaillí ar an urlár. Ghlacfá col leis, go réidh." "Má's
cúrsaí crochaillí é, m'anam nach bhfuil ceachtar aghainn saor,
ní a' ceasacht ar Dhia é." "Tá mo phíobán calcuighthe ag
crochaillí an tslaghdáin. Shílfeá go mbeadh sé in am aige feasta
a dhóthain a bheith bainte aige asam. Ach ní tús ná deire dhó,
mara bhfuil ag Dia." "Tá sé ídighthe uileag, agus is beag
a' dochar dhó, a's a bhfuil de chasacht a's de chrochaillí air."
"Dhá bhfáighteá tada ó'n dochtúr a ghearrfadh na crochaillí
sin ort, b'fhiú dhuit a dhul chuige, Dia Céadaoin."
"Níor scar na crochaillí sin liom anois ó'n Nodlaic seo
caithte. Sin é an uair a tháinic a' slaghdán orm a' chéad
uair." "Nach deacair le na crochaillí céadna scaradh leat!
Tá sé in am aca(b) feasta, má's leo(b) scaradh
leat go deo." "Níl aon-ghoir aige sin a dhul 'na scoile
chomh-uains 'bheidheas na crochaillí sin air."

Cromnasc = Ainm-fhocal, Baininscneach; gein. cromnasca.
Iolraidh: cromnasca. [Foghar: crúmeasc, cruimeasc — Cois Fhairrge].

Cromnasc = longcaird; buaithrín; ceangal ar chaora, asal, capall etc. ar leath-taobh, ó'n gcois tosaigh, go dtí an chois deire [air sin a's ar cheangal na caorach go h-áithrid a tugtar i gCois Fhairrge é. "Buaithrín" is mó tugtar ar an rud céadna faoi Chonamara siar; "Longcaird" ar an Achréidh, a's "cromnasc" ar cheangal ar bith ar na cosa. Tugtar "lúngcaird" nó "cosacáin" freisin i gCois-Fhairrge ar "chromnasc". "Cromnasc" — Dúithche Sheoigeach a's Muigheo — ceangal ar chloigeann a's cos tosaigh asail]. [Féach "buaithrín", "buarach", "cosacáin", "longcaird"]. "Dheamhan thomanta cromnasc a chuir sé ar aon-chaora a' gabhail leis fós i mbliadhna, ach cead scuir aca(b) ar fud na tíre." "Ceannuigh adhbhar glac chromnasc má theigheann tú chuig an siopa. Tá na caoirigh a' déanamh míllteanais, a's ag imtheacht ar chuid chuile dhuine." "Dar príosta mara gcuire tú cromnascaí ar na caoirigh sin, a's iad a choinneál ar do chuid fhéin, cuirfe mise 'na gharrdha gabhainn iad, má fhaghaim a' deanamh míllteanais aríst iad." "Má's liom cromnascaí a chuir ar na caoirigh údan, ní mór dhom congnamh le na locadh. Níl a' fiadh fhéin chomh fiadháin le cuid aca(b) siúd." "Bhí cromnasc orra(b) uileag go dtí ceann amháin, ach ná raibh ann nuair a shíl mé breith uirre sin, nár imthigh sí as a' loc orainn! Ar gceann fine ní sháinneochadh aríst í." "Má imthigheann sé aríst as, déanfa mise cleas leis — maistín de chromnasc 'fháisceadh air. Feicfe tú fhéin air, go mbainidh sin an t-uabhar dhe." "Shílfeá go bhfuil cromnasca ar na cearca aice anois." "Níl cromnasc fhéin indon an malluigheadóir d'asal sin a chuibhriú. Chuir mé cromnasc air, tá dhá lá ó shoin, a's meastú nar leag sé brúisc de'n chlaidhe 'na dheidh sin." "Is mór a' carghaos gan an chromnasc a bhaint de'n asal sin thuas, arae tá a chois ithte isteach go cnáimh aice. Ach dar ndóigh má bhaintear dhe í, beidh sí imthighthe faoi scuir aríst." "Maran mian leat cromnasc a

a bhualadh orra, cuir duine eicínt dá mbuachailleacht, nó
má theigheann siad i mbradghail ormsa aríst, cuirfe mé gairm
chúirte ort, a's íocfa tú go daor iad." ["Gairm chúirte" — ní leagan
nua-aosach é sin, ach sean-leagan atá ann le na cianta.
Chreidim go bhfuil leas dhá bhaint as aríst i gcúrsaí dlighe anois].
"Má's fearr leat cúirt ná cromnasc, bíodh agad. 'Beatha
do dhuine a thoil', a mhic ó. Ach má mhilleann siad (: na caoirigh)
dubh na h-iongan ormsa aríst, gheobha mé rud in' omós, feicfe
tú fhéin air." "Caithfe sé cromnasc a chur uirre, má's
leis í 'choinneál sa mbaile" = bean a mbíodh an-tóir aice a bheith
imthighthe. "Má bhíonn tú a' bóithreoireacht mar sin, caithfidhear
cromnasc a chur ort, le tú 'cheannsú." "Má thogruigheann tú a
dhul ann, níl cromnasc a' bith ort" = níl bacainn a' bith ort.
"InDomhnach má thogruigheann sib 'imtheacht, sin é amach an
bealach agaibh. Níl duine a' bith annseo a' cur cromnasc ná
buaithrín barrtha a' bith oraibh." "Tá bean agamsa, a's níor
mhór dhom cromnasc a chur uirre. Ní mór léithe a dhul a'
déanamh aeir gach Domhnach sa mbliadhain, a's cúram a' tighe
a fhágáil ormsa."

Crúbáin: ainm-fhocal, iolraidh

= "cúilíní beaga le claise an tsrotha a bheadh ingreamudhas dhá chéile ar fad."

cineál ladhar nó ladhróg thalmhana.

"Tá crúbáin thíos le claise an tsrotha." "Ná bac le na crúbáin sin thíos a scaradh faoi láthair, arae níl fhios agadsa, céard a bhainea(nn)s (dh)óib." "Caithfe mé na crúbáin sin a shocrú" = cóir chuir a chur orra leis an láighe; na clascannaí ionnta a dhíriú amach. "Tá na crúbáin iochtaracha siúd ar fad faoi uisce. Sceithteann siad igcomhnuidhe le lán -mhara rabharta." "Chaithfeá na crúbáin sin a fhágáil ann, arae tá íochtar a' chúil ro-fhliuch, a's mara bhfágtar neart bealaigh ag an uisce aníos ó chlaise an tsrotha, d'eireochadh a' fuarloch ar na h-íochtair as éadan, a's bheadh a' cur ó mhaith." "Níl fhios agadsa anois, le na h-iomrachaí sin a tharraingt amach as a n-íochtar. Fágtar crúbáin annsin, a's ní mó ná mé fhéin atá indon a dhéanta." "Tá fataí maithe ar na h-uachtair, ach maidir le na h-iochtair, a's le na crúbáin eile siúd, tá siad lobhtha fré chéile orra(b)." "Beidh iarracht maith againn ar thaobh ó thuaidh gharrdha an chladaigh imbáireach faoi na bheith slán dhuinn. Tá sé deargtha againn cheana soir chomh fada le na crúbáin, a's ní aireocha muid a' méid eile, má fhaghann muid freastal."

"Is gearr a' mhoill a bheadh orm a' cúl 'fhódú, marach na crúbáin sin. Ach bíonn siad sin meathta thar na h-iomrachaí díreacha." "Tá na crúbáin siúd deacair, arae tá siad in a moirt le uisce, a's tá sreangannaí broimfhéir ionnta(b), a's fhobair go gcinnfeadh sé ort an láighe a chur thríotha(b) chor a' bith." "Is beag a' tairbhe a bheidheas agad ar na crúbáin fhliucha sin, ar aon-nós. D'eirigh an tuile mhór orrab, faoi Bhealtaine."

"Ní mórán le gur bhfiú do dhuine síolta a chuir (: cur) amudha chor a' bith le na sean-chrúbáin bhradacha sin, marach go mbeadh leisce ort iad 'fhágáil 'do dhiaidh."

Cuachadh briathar. Cuachaim, cuachfa mé, cuachta, chuach etc.
"a' cuachadh" = a' bladar; a' bladaireacht; a bheith lághach, bladarach
le duine, i riocht's go bhféadfá é 'mhealladh, nó rud eicínt a fhaghail
uaidh, dalladh-mullóg a chuir air, é 'fhaghail leat ar
seol na braiche, nó a leitheid.

"Tá sé 'dhá chuachadh suas" = a' bladaireacht leis le rud eicínt
a mhealladh uaidh. "Cuachfa sí sin suas a' tsean-bhean, má
airigheann sí brabach a' bith thimcheall uirre." "Dheamhan maith
a bheadh dhuit a bheith 'cur chomhairle ar a' gceann seo. Tá sé
cuachta suas ag A. 'Sí atá deas air." "Má thugann tú
éisteacht a' bith di siúd, tá sí spleodrach, chomh pléascánta,
a's go gcuachfa sí suas thú; Fainic thú fhéin uirre."
"B'fhurasta aithinte, marach go raibh an ceann seo cuachta suas
go maith aige, nach dtiubhrad sé aon-lá isteach dhó."
"Chuach sé suas M. seo amuigh, le fuisce a's bladaireacht, a's
dheamhan a chos nach ndeacha in éindigh leis. Dhá mbeadh
breith ar 'aithmhéala aige, b'fhada uaidh a d'fhanfad sé,
ach caithfe an dithcéille féin a bheith ann, arsa tusa."
"Ba mhaith uaithe sin daoine a chuachadh suas roimhe seo, le
laetheanta oibre a thabhairt di, ach dheamhan mórán áird'
ag aonduine anois uirre. Fuair 'chuile dhuine amach, cé
hí fhéin." "Má tá indán's go ndéanfa fuisce, a's bladaireacht
é, cuachfa siad aríst é." "Dheamhan a chos ná a chnáimh
sin a phósfadh an inghean go deo, marach go dtugaidís 'na
tighe é, a's gur chuach siad suas le ól, a's le
galántacht é." "Oibrighead sé leis anois, ar a rogha caoi. Tá
mo theanga caithte agam, a' cur chomhairle air, a's ag
iarraidh air fanacht as sin, a's 'sé'n chás amháin dom
é. Ar a' dá luath a's a gcasfa duine aca(b) leis
aríst, cuachfa sin suas é, a's meallfa siad isteach
é." "Nach furasta cuid de na daoine a chuachadh suas.
Dheamhan ann ach labhairt leo, a's cuirfe duine 'bith
dallach dubh orra(b)!" "Má thug sé mórán áirde uirre
siúd, chuach sí suas é, ar ais aríst. Dhá mbeadh aon-
splannc fir ann, ní thaobhóchad sé í, níos mó"

Cuaibhtheach (cuaifeach) = ainm-fhocal; baininscneach, iolraidh — cuaibhtheachaí.
Cuaibhtheach = siota; sinneán; gaoth a' neartú de ghort a' gharta; feochan tobann; seoideadh dheannachtach; iarraidh, dorna, pléasc nó fadhb, a thiocfadh de ghort a gharta; seideán "sidhe"; "sídh"-ghaoithe.
[Tugtar "cuaibhtheachaí" go h-iondamhail siar faoi Chonamara, ar an rud a dtugtar "siotaí" orra i gCois-Fhairrge i.e. sinneán a d'fheicfeá a' cruthú ingiodán áithrid, nó a thiocfadh ort gan aireachtáil ar theasbach 'san Earrach nó sa Samhradh. Fuaduigheann na "siotaí" seo leo, billeogaí feoidhte, sean-pháipéir, nó cosamar a' bith mar sin atá ar sliobarna. Deirtear gur séideáin "sidhe" iad].

"Tá cuaibhtheachaí ag imtheacht" (C. F.). "D'eirigh cuaibhtheach a chuir an bád timcheall, a's marach chomh maith a's bhí muid ar ar maidí, bhí muid ar thoin puill." "Tháinic cuaibhtheach orainn de ghort a' gharta a's caitheadh thart an seol. Thapuigh muid é, a's níorbh fh'learr dhuinn fhéin gur thapuigh." "Badh deannachtach na cuaibhtheachaí gaoithe a bhí indé ann. Cheapfainn gur shaothruigh bádóirí é." "As na cuaibhtheachaí a thagas an múr. Chomh luath a's a bhío(nn)s an ráig sin caithte, déanann sé aittealla, go neartuighe an gála aríst." "Is olc í an chuaibhtheach Foghmair. Déarfadh a' bádóir fhéin, nach deagh-éadail a' bith í." "Má thagann cuaibhtheach as calm, níl léigheamh a' bith uirre. Báthadh bád i gConamara, tá bliadhanta beaga ó shoin, a's bhí an lá ar áilleacht. Dream a bhí amuigh a' déanamh aeir, a's bhuail cuaibhtheach iad gan aireachtáil, a's d'ionntuigh sí an bád druim ar ais. Nar ba lughaidire an trócaire ar Dhia, dheamhan ar fágadh sa gcomhaireamh ceann aca(b), ach duine." "Tá iomghaothachaí a's cuaibhtheachaí 'sna glas-chuanta sin, nach mbíonn sa tsean-fhairrge chor a' bith." "A' bhfeiceann tú an chuaibhtheach a' cruthú annsin thall? — cuaibhtheach theasbaighe í." "Is beag nar scuab an chuaibhtheach mo sean-bháinín léithe. Chaith sí scathamh mór a' ropadh leis, ach níor thárluigh sí léithe é 'na dheidh sin. InDomhnach b'fhéidir gur indiaidh an ghráinne atá in mo shean-bheist a bhí 'siad'!" "Dar brigh an leabhair, bhí cuaibhtheachaí áithbhéalta ann indiu. Cé'r chás é, marach an scéird sin thuas a raibh mé ag obair, ar aghaidh na ruithteachta. Fhobair nach bhfágfaidhe aon-síol ar an iomaire agam!"

"Thug sé cuaibhtheach de dhorna dhom" = dorna a tiubharfaidhe duit de ghort a' gharta, nó d'aon-iarraidh. "'Dhá bhfaighteá an chuaibhtheach de bhuille a tharraing sé ort, dheamhan fata a changlochthá le do mharthainn arís." "Ní thiocfa an chuaibhtheach de bhuille sin leat. Ídeocha mise ort é, feicfe tú fhéin air." "Ná tarraing aon-chuaibhtheach de dhorna ormsa, má tá do leas ar Dhia. Sin é 'bhfuil in a thimcheall anois." "Bhí an t-ádh ort nár eirigh an chuaibhtheach de bhuille siúd leat. Dar fiaguidhe dhá n-eirigheadh, chodlóchthá go sáimh anocht, chodlochthá sin." "Tá cuaibhtheach de dhorna aige siúd, a dhéanfadh corp dhíot, gan stró ar bith. Sin í clár na fírinne!"

"D'eirigh sé in a chuaibhtheach [de chuaibhtheach) a's rith sé chugam anall." = d'eirigh sé de léim, a's rith sé go dtí mé; d'eirigh sé d'aon-iarraidh. "Tháinic sé fúm in a chuaibhtheach, a's chaith sé siar ar shlatrachaí mo dhroma mé." "Scoth sé mé in a chuaibhtheach, a's dheamhan amharc a bhí mé indon a choinneál air uaidh sin amach" = chuaidh sé tharm de shinneán, a's d'imthigh sé as m'amharc. "Chonnaic mé a' gabhail soir in a chuaibhtheach indiu é, pé'r bith cá raibh sé ag (d)ul."

Cuigéal, cuigéilín (coigéal, coigéilín) = ainm-fhocal, firinscneach, uimhir iolraidh — cuigéil.

Coigéal = cuisle chaol fairrge idir dhá oileán, nó idir oileán a's an tír mhór; sonnda caol; caolas; sáinn fairrge; ding fairrge; coinéal. [Is minic in ainmneacha áiteacha é. Tá Coigéal Mór idir Leitir Mealláin a's Oileán Gharomna, a's Coigéal Beag idir Leitir Mealláin, a's Fuirnís]. "Tá cuigéilín fairrge aníos idir an churrach a's an talamh ann, a's d'fhéadfá rith cladaigh a thabhairt di (: do'n bhád) suas ann." "Dhá dtagadh an lá an-mhór, ba mheasa do bhádóir coigéil mar sin ná lom na fairrge. Bíonn iomghaothachaí gártha ionnta(b), a's chaithfidís isteach ar a' gcladach thú, shul a bhféadfá seol a stríocadh." "Triumuigheann an cuigéal sin uileag le rabharta mór, ach d'fhéadfá 'dhul treasna aon-uair ar dhíth-thráigh, ach tú fhéin a chrapadh suas thar na glúine." "Ó thosuigheann sé a' trághadh chor a' bith, ní fhanann faice (: uisce) 'sa gcoigéilín sin, ach ní fhéadfá a dhul anonn ar an oileán 'na dheidh sin, gan iomlucht a fhaghail." "D'éaluigh sé sa snámh uatha(b) treasna an choigéilín fairrge siúd ar dhíth-thráigh." "Ara cé'n stró atá orra(b) a theacht treasna an choigéil, má bhíonn snámh ar bith aca(b). A's a bhfuil fhios agad go maith nach gcuirfe siad aon-phóilidhe 'san áit mara mbí snámh aige. Déanfa muinntear an oileáin cúis anois d'uireasbha poitín, ar chuma ar bith." "Dhá mbeadh a' choirrleach bainte, b'fhurasta í ' thárlú isteach ar chleimín, 'scáth an cuigéilín de chuan atá ann. Ach inDomhnach ní gan anró í 'bhaint — ní h-eadh sin." "Níl a' coigéal atá ann trí bhuille iomramha treasna, a's bháithfídhe 'man of war' ann 'na dheidh sin, tá sé chomh domhain sin." "Bíonn an-tarraingt is na cuigéil sin i gcomhnuidhe, ar ionntú de'n taoille. Dá mbeitheá a' gabhail treasna i gcurrach annsin anois, is maith a chruth(ochth)á, nó chasfadh an sruth ort í. Is minic a deirigh sé dhom." "Báitheadh lán curraigh, a's iad a' teacht anoir ó C. annsin fadó. Th'éis gur beag a' coigéal fairrge atá ann, d'imthigh an clampar air le sruthannaí. Dheamhan duine ar a' bhfeadhain aca(b) nar báitheadh."

Cuilín = ainm-fhocal, firinscneach.

Cuilín = (i) cuil bheag (Achréidh)

(ii) bolgóid chubhair, nó cáthadh sáile (cuileogaí freisin)

(iii) griúillín shúighe (cuileogaí freisin)

(iv) cuid de lóchán — screamhóigín bheag a bhíos ar a' ngráinne; an cáithnín.

(i) "cuil" a thugas muinntear an Achréidh ar a' rud a dtugann muinntir Chonamara "cuileog" nó míoltóg air. Dá réir sin "cuilín" a thiubharfaidís ar "chuil bhig".

(ii) "Tá'n fhairrge in a cuilíní (cuileogaí) bána indiu" = bláth bán ar gharrdha an iascaire = bárr geal ar a' bhfairrge nó í roinnt cáithte.

"M'anam go bhfuil sé béal-gharbh go leor amuigh (: ar a' bhfairrge) indiu. Nach shin í 'na cuilíní bána uileag í" "Cá mbeadh a' ballséire do do thabhairt indiu ag iascach! Nach bhfuil a' cuan fré chéile in a chuilíní bána. Deirimse leat go bhfuil sé bun-gharbh go leor ar a' bhfairrge indiu." "Ba deannachtach a' lá é, le dhul amach ar a' loch. Bhí an t-uisce in a chuilíní bána fré chéile." "D'árduigh sé in a gheal-stoirm a's muid leath-cuain. Bhí muid dhár gcaidhleadh le fairrge cháithte, a's cuilíní bána ar an uisce is 'chuile áit. B'ait na bádóirí muid, a's talamh a dheanamh chor a' bith." "Bhí cuilíní cubhair ar an uisce 'san abhainn." "D'eile cá'r nigh sí iad ach sa tobar. Nach bhfaca mé na cuilíní gallaoireach air nuair a chuaidh mé amach ag iarraidh an aistir uisce sin! Is beag a' dochar di náire a bheith uirre feasta choidhchin gan fios a gna(ithe) a bheith aice fhairis sin, ach ní hí is measa ach sibse a leig amach í." "D'fheicfeá liagannaí fairrge a's cuiliní bána orra(b) ag eirghe aoirde an tighe." "Bhfeiceann tú an áit sin amuigh a bhfuil cuilíní bána ar an bhfairrge. Carraigreachaí báidhte atá annsin."

(iii) "Buaileadh cuilín (nó cuileog) súighe sa mbaithis orm" = griúillín (: driúillín) shúighe a thuitfeadh as simléar, nó de na fraghthachaí.

"Diabhal a' féidir gurb shin cuilín shúighe a thuit annsin!"

"Tá mo chuid éadaighe millte. Dheamhan falach orm, nach bhfuil faoi chuilíní súighe. A's tréigeann a' t-éadach sin ar fad, má nightear é, ach dheamhan a' féidir lorg a' tsúighe a bhaint amach ar a mhalrait."

"Cé'n sórt práib é sin ar mo chóta nuadh! Dheamhan gur cuilín súighe é!" "Teann anall ar a' taobh seo de'n teallach. Tá cuilín bheag shúighe a' tuitim annsin." "Giodán fabhtach atá annsin, a's tá cuilín bheag anuas ann. Is géar a theastóchadh stráca tuighe 'san áit chéadna" = bhí spota de dhíon nó de leath-chaoin a' tighe a bhí leigean uisce isteach, a's thuiteadh sé in a shúighe.

"InDomhnach fhéin is diadhachta dó (do cheann a' tighe nó do'n leath-chaoin) aon-chuilín a bheith anuas ann, a's a ghoirdeacht a's chuaidh díon air. Anuas leis a' gcír atá an chuilín sin. Diabhal a' bhféadfadh a' tuighe nuadh a bheith 'leigean isteach fós, ní fhéadfadh sin." "Ní fhaca tú aon-fhear ariamh a chuaidh ingeallta ach é, 'nuair a thuit an chuilín súighe ar a' bpáipéar. Ach ba bheag a' dochar dó: b'éigean do tosuighe as a nuadh, a's chuile mhíle focal de'n leitir a scríobhadh aríst." "Níl dochar a' bith 'sna cuilíní tirme sin, 'nuair nach mbeadh an súighe fliuch ann." "Deirimse leat gur beag a' (: de) chuilíní súighe a fheicfeas tú anuas ann, má choinnigheann sib teine mhaith thíos igcomhnuidhe. Neart fraighfhliuchais atá dhá dhéanamh sin — seadh sin." "Má's gabáiste l'aghaidh a' ndinnéir atá sa bpota seo, is mór mo mheas go bhfuil sí ó mhaith. Tá cuilíní súighe a' tuitim innte 'chuile phuínnte. InDomhnach is deas a' blas a bheidheas uirre ar ball."

"'Meastú nuair a bhí mé ag ithe mo bhéile, nar thuit cuilín shúighe 'síos in mo chuid bainne. Tá'n teach seo in a chiseach le súighe"

"Chuirfeá slat ar pharráiste, sul a bhfeicfeá teach chomh broghach brocach leis. Tá cuilín shúighe is 'chuile mhíle ball de."

"Go deimhin is deas é t'áit chuarta — teach a bhfuil cuilíní súighe is chuile choirnéal ann."

(iv) "Cuilín lócháin a chuaidh le m'anáil, a's tá sé cinnte orm mo sceadamán a réidhteach aige." "Bíonn leann faoi chuilíní a's caithníní ar fad." "Ar ndoigh sin é atá sa triosc caithníní a's cuilíní a fhana(nn)s de bharr crotal a' ghráinne. Is ait a' bheatha beithidheach é, ach má fhaghann siad aon-leigean ar a' leann fhéin, is mór a' chontabhairt é, arae bheidís dhá ól, go bpléascaidís iad fhéin."

"Tá mo chuid tae ó mhaith. Bhí an diabhlánach sin ar siubhal le 'na cuid ámhuillighe, gur líon sé le cuilíní lócháin é. Chuirfinnse ó shéideadh é, dhá mbeadh an tapa ionnam coinneál leis." "Ní thiubharfainn cuilín lócháin ar a bhfuil de thalamh a' gabhail leis. Muing atá i mbarr a' bhaile aige, a's breaclachaí 'sa gcuid eile."

"Tá a shúil go dona. An lá faoi dheire a raibh siad a' cáthadh, chuaidh cuilín de'n lochán fúithe, a's chinn sé air é 'thabhairt amach. Tá sí dúinte fré chéile anois aige. Banaltra mhaith a theastóchadh uaidh" (: banaltra = bean oileamhna. Deirtí go mbíodh bainne cíoch go maith ag súil thinn, nó súil a mbeadh salachar nó dubhradán fúithe). "Fainic a mhuirnín, a' dtiocfadh aon-chuilín de'n coirce sin faoi do shúil, nó bheitheá go dona aige." "Bíonn an iomarca cuilíní ar a' gcaiscín sin, (: arán caiscín). B'fhearr liom fhéin an plúr siopa go fada. 'Sé is fhearr a thiocfadh liom." "Gheobhfá cuid mhaith de na cuilíní a's de na cáithníní thríd a' mbronnach."

"Is olc a' bheatha beithidheach atá aice muis, mara bhfuil aice ach a' lóchán sin. Níor mhaith leatsa cuilíní lócháin a fhaghail ar do bhricfasta ar maidin — ar mhaith?"

"Tá rud eicínt thríd an arán seo, maran thríd a' bplúr a bhí siad. Is geall le cuilíní coirce iad ach go bhfuil siad dorcha. Ag iarraidh na daoine a chailleadh leis a' bplúr sin atá siad?"

Cimleachán, Cimleacháinín.

Cimleachán = ainm-fhocal, firinscneach, iolraidh — cimleacháin.

Cimleachán = cranndachán de dhuine; cleiteachán; procháinín de dhuine; duinín éidtreorach; loisneachán; duine gan mórán cuid sonntais a' siubhal leis; duine gan mhaith

"Scread chasta ort, a chimleacháinín, níorbh fiú liom a dhul a' salughadh mo lámha leat." "Má theigheann tú a' bualadh, buail fear, a's ná bac le cimleachán mar sin." "Meath do chine aríst a chimleacháinín!" [Féach "meath", agus "cine"]. "Marach narbh fhiú liom a dhul a' fiachadh ort a chimleacháin, mo choinsias ' dar m'anam, ní fhágfá ball na h-áite go dtugainn do chuid fola le n'ól duit." "Is leitheadaighe muise a tharraingeochadh an cimleachán sin achrann, ná an té a bheadh in achmhúinn é a chur dó." "Diabhal aithne ar a' gcimleachán nach gaisce atá sé indon a dhéanamh!" "Muise an cimleacháinín éidtreorach, nach gcoigleochadh páiste bliadhna féin é, ní áirmhighim a mhalrait." "Ab é an cimleachán truaillidhe sin thiar ag T. Ph.! Nach gcuirfeá de shéideoig de do bhois é! A's chreidim gur mó an ghlaodhmaireacht atá aige 'na dheidh sin, nach ag a' té a mbeadh cur leis maith ann." "Ní fear é an cimleachán siúd, ná leithscéal fir fhéin." "M'anam muise go bhfuil sracadh mór oibre sa gcimleachán sin ina dheidh sin, cé nach dtiubharfá do sheacht mallacht air len' fheiceál mar sin." "Shílfeá go bhféadfá fear ar foghnamh a shamhlú liom, ó chuaidh tú dhá dheanamh chor a' bith, fharras an cimleachán sin. Dheamhan a bhfuil 'sna fir chor a' bith dhó sin." "'Sé a leithide sin de chimleachán is measa a bheadh. Cuirfe mise geall leat gur beag a' chailicéaracht ná'n ghaisce a chuala tú ariamh ag an bhfear maith." "InDomhnach muise, is dathamhail a' scéal agam é, má eirigheann cimleachán de'n tsórt sin i mo mhullach. Cuirfe mise luighe fiadh de criogaide air sin lá eicínt." "Dar brigh an leabhair muise, sin é an cimleachán a fhobair an teach a chur thrídh na chéile. Níorbh fhiú le duine 'bith araoid a chur air. Marach sin gheobhadh sé faoi na for(bh)aí é, a's badh é a dhéanamh leis é, freisin."

Coirric, Coirricín = ainm-fhocal; baininscneach; iolraidh — coirriceachaí coirricíní.

Coirric, Coirricín = círín, barr círín; fíor-mhullach, cíor, an tsraith mhullaigh; an fíor-bharr, an ceann, ceann-bheart, nó cuid de cheann-bheart; an bhuaic; speiricín; stuaic.

"Tá fuil ar choirricín a' choiligh. Chaithfead sé go raibh sé 'troid arís." "Tá ' acoiricín uileag faoi fhuil, de bharr an choiligh seo amuigh." "Tá coirric suas ar a hata. Le galántacht, d'eile!" "Cé'n sórt coirric é siud atá ar a' simléar aca(b)?" "Tá sé chomh h-árd le coirricín a' Teampaill Mhóir" = speiricín. "Bhuailfeadh sé a chloigeann ar choirricín a' tséipéil sin thoir. Ní fhaca tú aon-duine go h-iomdha is aoirde ná é." "Tá coirricín eicínt suas ar a' gcaipín atá uirre, a's go deimhin ní slachtmhar é. Is geall le 'gyspy' í." "Rinne sé dhá leith de choirric a hata in áit ar shuidh sé air, a's ar lioc sé faoi é. = cíor an hata; an chuid chruinn as cionn na billeoige. "Bhí cleite i gcoirric an hata aice." "'Bhfaca tú na coirriceachaí atá ar na hataí atá 'teacht amach anois?" "'Breagh ó chuaidh tú dhá cheannacht nar cheannuigh tú hata mar is ceart fharras an choirric sin!" "Shílfeá go mbadh deacair do na mná na hataí sin a chinnireacht chor a' bith lá gála a's na coirriceachaí atá asta(b)." "Cuir suas ar choirric an bhus é. Ní fhéadfá rud chomh mío-stuamdha leis sin a thabhairt isteach ann." = cíor an bhus. Bhí sé gróigthe thuas ar choirricín a' tighe" = ar a' gcír, go h-áithrid ag barr na binne. "Leig tú an iomarca coirricín suas uirre. Dubhairt mé sin leat, arae d'aithin mé ort, go raibh tú dhá tabhairt isteach ro-luath" = cruach arbhair a bhí ro-bhiorach as a barr. "Thillfeadh slam eile fás ar choirricín a choca." "Thug tú an iomarca coirrice de'n choca. Ní raibh agad é 'bhiorrú chomh mór sin." "Chonnaic mé caróg a' lonnú indiu ar choirricín a' tsimléir. Meastú nach a' brath ar nead a dhéanamh ann atá sí." "Tá cárnán cloch thuas ar fhíor-choirricín an chnuic, a's ní bheadh fhios agad cé'r b'as a dtáinic siad. Ar aon-chor, ní bheidís ann marach gurb é an chaoi ar tárluigheadh ann iad." "Bhí 'n dá coileach i ngreim coirrice 'na chéile."

"'Is deas a d'fhás an coirricín, is deas a d'fhás an círín
Is deas a d'fhás an coirricín ar choileach Mháire Ní Fhinneadha'"
[leath-rann a bhíos ag gasúir].
"Tá rud eicínt sa gcoirric (sa gcoirricín) air" = tá seachmall eicínt air; tá rud eicínt sa gceann air; tá sé 'éadtrom'; níl sé 'staidéarach, 'sábhála Dia sinn! "'Sa gcoirricín atá sé dhá bhualadh." "InDomhnach tá rud air thar a' slaghdán. Fainic a' bhfuil an coirricín ar foghnamh aige!" "Má choinnigheann sib saghdtha mar sin é, is gearr go dteighe sé 'sa gcoirricín aige" = má choinnigheann sib an scéal seaduighthe, goillfe sé chomh mór air, a's go dtiocfa éadtruimeacht air. "Mná atá ag dul sa gcoirric air sílim!" = tá súnás nó rachmall ban air; 'siad na mná atá dhá shaghdadh. "Scread-chasta air, an sean-riadaire bradach le deis a bheith air! Maran fada gur thosuigh na mná ag (d)ul sa gcoirricín aige!" "InDomhnach muise, má theigheann rudaí de'n tsórt sin sa gcoirricín aige,tá faitchíos orm gur deacair iad a bhaint as. Ní bhainfe cíor ná raca as iad ar aon-chor!" = amhuilleacht a' bith a ghlacfadh duine 'na chloigeann. "Cuireadh bréaga sa gcoirricín aige anocht" = cumadh riar maith bréag dhó. "Bailigheadh leis anois! Níl mise ina dhiaidh air, an méid sin bréag a dhul sa gcoirricín aige." "'Sé'n fear seo thíos atá ag dul 'sa gcoirricín ar fad air, le goirid" = marach an fear seo thíos (: a's a fheabhas a's atá ag eirghe leis; a n-abruigheann sé etc.) ní bheadh sé thar bharr a chéille mar tá sé. "'Siad na bóithrí atá ag dul sa gcoirricín ar fad air, anois, in áit nach bhféadann sé fhéin a dhul a' saothrú orra(b). Marach sin, dheamhan locht a' bith a bheadh orra(b)!" "Tá sé ag eirghe sa gcoiricín air, ó chuala sé go raibh tusa dhá fhaghail, ach ní raibh meas a' bith aige air, idtosach" = [an 'dole' atá igceist]. "Is deacair é sin a chuir as a' gcoirricín aige anois, aindeoin nach raibh géilleamhaint a' bith aige dhó, an chéad uair" = smaoineadh nó tuairim. "Leig mise bréaga faoi'n gcoirricín aige, tá mé 'rádh leat!" = chum mé bréaga dhó. "Tá'n t-ól ag eirghe sa gcoirricín aige" = tá'n t-ól a' tuitim air, a's dhá

shaghdadh, nó dhá spréachadh. "D'eirigh an taoscáinín sin fhéin sa gcoirric aige. Dheamhan acmhuinn óil a' bith aige." "Sé'n cás amháin dhó gloine 'ól le lán daibhche. Eireocha an ghloine fhéin sa gcoirricín air, a's tosócha sé ag (d)ul in geallta." "Má theigheann a' t-ól sa gcoirricín air siúd, dheamhan a' bhfuil ar a' mbaile a cheannsóchas é." "Tiocfa an fheamuinn dearg sa gcoirricín air, mara bhfuil ag Dia!"

"Tá braon sa gcoirric (sa gcoirricín) aige" = tá braon ar bord aige; tá braon 'sa gcírín aige; tá braon óil caithte aige.

"Tá braon maith sa gcoirricín aige anocht de bharr an aonaigh."

"Dheamhan a' féidir go bhfuil braon sa gcoirric aige aríst indiu. Níl sé 'tógáil ceann a' bith as an ól ar an aimsir seo." "Dá mbeadh aon-deoir sa gcoirricín aige siúd, bheadh scéal agad air, deirimse leat." "Is droch-mhúinte an éadáil aon-araoid a chur air siúd, má bhíonn aon-deoir sa gcoirricín aige go h-áithrid." "Tháinic sé abhaile aríst aréir a's balasta maith sa gcoirricín aige." "B'fhurast 'aithinte ar S. Mh. Ph. go raibh braoinín sa gcoirric aige indé. Ná bac leis, má fheiceann tú 'cur láimh' a' bith ar a shróin é. Sin é do dhóthain." "Is minic a bhí braon sa gcoirricín againn fhéin, a's b'éigean duinn é' iomchur. InDomhnach is dathamhail an scéal é, má fhéadann duine tosuighe a' briseadh a's a' réabadh, 'chuile uair a n-ólfa sé cupla pionta 'pórtair'!" "Ní túisce deoir a' bith sa gcoirric aige, ná seo a' bollaireacht a's a' glaodhmaireacht a's a' cothú achrainn é."

"Tá braon sa gcoirricín aice, a's ní feairrde a coirricín é" = ní maith atá an t-ól ag (d)ul di; tá sé a' cur seachmaill uirre.

"Ní fhanann cor a' bith ann, má bhíonn aon-bhraon 'sa gcoirricín aige. Is diabhluidhe aisteach a theighea(nn)s an t-ól do dhaoine thar a chéile." "Dheamhan baoghal a bheadh air a mhacsamhail de chleas a dhéanamh marach go raibh braon sa gcoirricín aige." "Níl cinneadh 'bith leis, má bhíonn deoir a' bith sa gcoirricín aige." "Marach a raibh sa gcoirricín agham an uair chéadna, ní móide go n-abróchainn tada, ach níl fascadh 'bith ionnam ar mo chuid óil."

"Má fhaghaimse greim coirrice ort, mo choinsias 'dar m'anam, ní dhéanfa tú aríst é, ní dheanfa sin" = greim cinn; má fhaghaim greim ort. "Tiubharfa mise iarraidh ar a' gcoirric dhuit, mara dtuga tú aire dhuit fhéin." "Dhá mbeadh greim aghamsa ar do choirric bháin, bheidhinn a' gabhail ort, chomh-uain's 'gheobhainn teas i do chraiceann" = malrach a raibh mullach bán air.
"Is furast 'aithinte dhuit a coirric chuiltheach!"
= aithneocha tú go maith a cloigeann stuithneach. "Bhí sé 'na Chath na bPunann annseo thuas indé. Tharraing na mná na coirriceachaí aigeán a chéile aríst." "Mara ndéana tú su(a)imneas, tarraingeócha mise an choirric aghad, feicfe tú fhéin air."

Coirricíneach = biorach; círíneach; géar; gobach; coirric nó coirricín a bheith ar rud.

"Coinnigh de mhullach coirricíneach amach as sin." "'Sé'n cnoc coirricíneach sin amuigh é, measaim."
Sleabhcán coiricíneach: cineál sleabhcáin [féach cur síos air i "Cladaigh Chonamara" leathanach 246].

Coruice dhubh na bliadhna: Ainm-fhocal.

Coruice dhubh na bliadhna = dubhluachair na bliadhna; an mhí dhubh; an chéad mhí de'n bhliadhain, a's mí na Féile Brighde; dubh-anna na bliadhna.

"Tiubharfa coruice dhubh na bliadhna a sháith le déanamh dhó" = ní shárócha sé dubh-luachair na bliadhna. "Ní anois a theastóchadh farae ar bith uatha(b) ach amach i gcoruice dhuibh na bliadhna, nuair nach mbeidh tiomsacht ar bith ar a' talamh." "Ní sháinneochadh duine 'bith aon-chaora anois — i gcoruice dhuibh na bliadhna thall. Cead scuir a bhí a thabhairt dóib. Ar ndú (: dar ndóigh) ní millteanas a fhéadfas siad a dhéanamh, a's chomh lom a's tá 'chuile áit." "Shílfeá gurab é coruice dhubh na bliadhna atá agaibh ann leis a' ngliúrach (: gleorach) de theine atá thíos agaibh. Diabhal aithne oraibh, nach fuacht atá 'san aimsir!" "Is measa é ná coruice dhubh an gheimhridh le fearthainn a's gairbhshion. Nach a' séideadh báistighe atá sé le coigcigthis i mbéal a chéile!" "Ceadh nach bhfuil tú a thabhairt do na beithidhigh sheasca, ach an ghabhailín fhéir sin? Is gearr le dhul orra(b) an teirgéis sin ar choruice dhuibh na bliadhna a's gan soláthar na solamar ar a' talamh." "Gearrógaí dubha na Nodlag, coruice dhubh na bliadhna, laetheantaí na Riabhaighe, Gairbhshion na gCuach, a's gaoth ruadh na Féile Sin Seáin — sin iad a chuirea(nn)s cruit ar an sean-eallach. 'Siad, agus ar a' duine fhéin go minic." "InDomhnach bhí an lá indiu chomh dona le aon-lá a tháinic ar choruice dhuibh na bliadhna. Bhí barr sneachta ar a' mbáist(igh) a chaith sé taca am 'dinnéir." "'Sí an mhí seo anois a's cuid de'n mhí seo chugainn coruice dhubh na bliadhna. Ní bhíonn fás faoi thada." "Coruice dhubh an gheimhridh a bhí ann, a's caitheadh na créatúir amach as a' teach, a's fáisceadh glas air in a n-aghaidh. Dheamhan créatúlacht a chonnaic tú ariamh mar é, a's gan teach ná árus aca(b), ná áit a gcuirfidís tharta(b) an oidhche." "Is deas í 'ur gceird gan bhréig, dhár gcrupadh fhéin suas chois claidhtheachaí faoi ghaoith a's faoi dheallradh, a's a' fanacht annsin i gcaitheamh na h-oidhche. Cé'n bhrigh ach an uair atá ann — coruice dhubh na bliadhna. Ní mó ná go

ndéanfadh duine é i Mí mheodhain a' tSamhraidh, ní áirmhigim anois." "Geimhreadh! Is beag a' bhrigh é fós go dteaga (: dtaga) coruice dhubh na bliadhna." "Tá díthcéille ort, a' baint do dhrár dhíot féin, go gcaithtear coruice dhubh na bliadhna, ar aon-nós. Dar ndóigh níor tháinic tairm a' bith ar a' ngeimhreadh fós. Amach romhat atá a mhic ó!" "Seo í coruice dhubh na bliadhna, ach is measa Mí na bhFaoillí mar sin fhéin." 'Mí na bhFaoillí a mharbhuighea(nn)s na caoirigh'. Badh mhinic adeireadh M. Th. fadó é, 'ndéana Dia grásta air." "Má tá sé ar bhéal na h-uaighe ag an aimsir seo, go bhféacha Dia air, ach a dteaga coruice dhubh na bliadhna. Déanfa sí sin a chreach." "'Bhfaca tú uair chomh breagh léithe ariamh ar choruice dhubh na bliadhna. Má tá sí buille fuar fhéin tá sí teann tirm, agus dar príocaidhe is mór is fiú an triomach." "Tá chuile áit in a mhoirt ag a' mbáistigh, ach chreidim gurab é nádúr na h-Uaire é. D'eile cé'n chaoi 'mbeadh sí ar choruice dhubh na bliadhna." "Rugadh uainín dhom annseo an bhliadhain cheana, ar choruice dhubh na bliadhna. Badh é an chéad uan óg sa tír é. Ní fhaca tú in do shaoghal ariamh, aon-dithreabhach a bhí chomh meirbh leis. Daighean mé gur shrian sé thríd 'na dheidh sin, dhá dhonacht dhá raibh an uair."

Cuisneach = aidiacht.

Cuisneach = cruadh; cruadh chúiseach; roighin; deacair ar a chlaoidheadh [baintear leas as in' aonraic nó i gcuideacht le "cruadh" i.e. "cruadh cuisneach"].

"M'anam gur maith an mhaise dhó é! Aindeoin go bhfuil na cheithre scóir caithte aige, 'sé atá cuisneach fós." "Beainín chuisneach í, mara bhfuil a' téagar fhéin innte." "Dheamhan lán do ghlaice ann, ach tá sé an-chuisneach." "Marach chomh cuisneach a's tá sé, ní bheadh se indon an cruadhtan seo a mharuidheacht. InDomhnach tá sé a' tabhairt a ndíol do dhaoine atá sáthach urradhanta fhéin." "Is diabhluidhe cuisneach é, a's é 'bheith indon seasamh mar seo ar aghaidh na rithteachta a's na doininne. Ach dhá chuisnighe é, má fhaghann a' scéird siúd seachtmhain eile air, giorrócha sí leis." "Putaichín cuisneach é in' aois." "Frompóinín de bhean a bhí sa máthair, ach má badh eadh fhéin, ní chasfaidhe aon-bhean in do shiubhal ionnsuighe ort, ba cuisnighe ná í. Bhí a shliocht uirre uirre: aindeoin a bhfuair si d'anró a's de sclábhuidheacht, mhair sí go raibh sí go h-árd le cois na cheithre scóir." "InDomhnach níor b'fh'lár do ghasúr a bheith cuisneach go maith le na chur 'un scoile a's an aimsir atá ann. Chonnaic mé deoruidhe beag de ghasúr atá ag M. Mh. a' dul anoir indé, a's é 'na ghuróirín leis a' bhfuacht. Nár agruighe Dia air a dhul a' cur amach a leithide siúd de mhalrach faoi fhuacht a's faoi dheallradh!" "D'fhan sé sin beo th'éis an áil ar fad a chailleadh. Bhí sé cuisneach thar a' gcuid eile." "Dheamhan mórán ordú air, ach cheal beathú atá dhá dheanamh sin. Marach chomh cuisneach a's bhí sé, ní bheadh sé beo chor a' bith a's laghad a's fuair sé le n-ithe. Ughdar maith gamhnach é déarfainn." "Barrann a' bith nach bhfuil cuisneach anois, tiubharfa an ropadh seo faoi na creatalaigh di é" = mar a bhfuil dasachaí (: gasanna) na bhfataí láidir a's cruadh, brisfe an farradh gaoithe seo iad. "Bhuail a' tinneas céadna ar cailleadh an chuid eile leis, an coileaichín riabhach sin amuigh, ach bhí sé sáthach cuisneach

le na chuir (: chur) dhó." "M'anam aon-tseanfhear atá indon seasamh a' déanamh bóthair ar a' ngairbhshion seo, nach mór dhó a bheith cuisneach. Dá ba cruadhtan a bheadh ann, ní aireochthá é, ach a bheith clúduighthe, ach dheamhan maith in aon-chlúdadh ar a' rithteacht siúd. Ní bheidh duine uair a' chluig, nuair a bheidheas chuile shnáth ar a chraiceann ina líbín."
"Leath-cheann cúpla aon-t-uainín sin. Bhí sé an-mheirbh nuair a rugadh é, aindeoin go raibh an t-uan eile cuisneach go leor."
"Is maith cuisneach nach mór do'n chur a bheith ag a' sioc sin. 'Bhfaca tú sioc chomh fada amach seo sa mbliadhain ariamh! InDomhnach tá faitchíos orm go bhful a' sean-cur ar fad dóighte."

"Tá sé cruadh cuisneach, a's gan beann aige ar fhuacht ná ar fhliuchán" = tá sé cruadhchúiseach roighin, a's ní miste leis faoi fhuacht ná faoi bháistigh.
"Tá sí cruadh cuisneach, agus cráidhthe" = bean a bhí cruadh, roighin a's in a cneagaire. "Marach chomh cruadh chomh cuisneach a's tá sé, phréachfadh a' fuacht é. (D)ar ndoigh ní hé an t-éadach atá air, atá a' déanamh aon-teas' dó! Tá sé chomh scagach a's go bhfeicfeá na beithidhigh thríd." "D'fhan sé in aon-mhúnla amháin mar siúd ariamh — cruadh cuisneach a's beo ar a chois."
"Tá clann chruadh chuisneach aige, a's inDomhnach ní mór dhóib sin, a's a bhfuil de sclábhuigheacht orra. Ní bhíonn cois thirm aca(b) aon-lá sa mbliadhain" "Sean-fhear a' bith nach bhfuil cruadh cuisneach ar an aimsir seo, is gearr gur fód a bheidheas dhá bualadh air." "Níl siad cruadh cuisneach chor a' bith, mar bheadh éanachaí: a's shílfeá nach bhfuil cheal ar bith orra(b)." "Ní mharbhóchadh a' saoghal a' cnáduidhe sin 'na dheidh sin. Tá sé chomh cruadh chomh cuisneach le na bhfaca tú ariamh." "Ní thiocfadh slaghdán a' bith in a ghoire siúd, tá sé chomh cruadh cuisneach sin." "Imthigheann a' leithide sin tobann igcomhnuidhe. Duine a' bith atá cruadh cuisneach mar sin, ní fhaghann sé ionbhadh a' bith. Scuabtar é d'aon-iarraidh" = faghann sé bás de léim.

Cúla téarmaí: ainm-fhocal; fuirm iolraidh air.
Cúla téarmaí = i gcois íseall; ingan-fhios; faoi rún; ar cúlráid

D'ólfadh sé poitín ar chúla téarmaí, ach ní thiocfad sé go maith dhó, dhá bhfeicthí é, dhá ól as comhair chuile dhuine." "Dar mo choinsias, dhéanfad sé é, ar chúla téarmaí, a's faghad sé an deis. Ná 'trust' thusa aonduine go deo a fheicfeas tú ag imtheacht ar a' gcodaidheacht sin." "Seadh, dhéanfá go maith ar chúla téarmaí é, ach tá náire ort é dhéanamh i gcoimhfhios. Is mór an uais do leithide." "Ná bac leis, má's ar chúla téarmaí atá sé a' gabhail leis. Nar bhreagh slachtmhar do dhuine pé'r bith céard a bheadh le rádh aige a rádh as comhair a' tsaoghail, a's gan a bheith ar a' gceird sin." "Chomh uain's mhair a' tsean-mhuinntir, dheamhan deoir tae a d'fhéadfaidhe ól sa teach thar cheann de ló, mara n-óltaídhe ar chúla téarmaí go díreach é. Fataí a d'fhaghadh na fir fánaighe a bíodh aca(b) ar a mbricfasta. Cé'n bhrigh ach tae is chuile theach sa tír an uair chéadna." "Ní choinnigheann aon-teach ósta anois é (: an poitín) mara gcoinnighidís ar chúla téarmaí é go díreach. (D)ar ndóigh, dá bhfáightí amach, go ndíolfaidís aon-deoir dhe, bhainfí cead díolacháin uileag dhíob, a's ba mhaith an ceart é freisin." "Dheamhan céilidhe ná damhsa a bhío(nn)s annseo anois, ach ceann fánach, agus is ar chúla téarmaí a bhío(nn)s a' corr-cheann sin fhéin. Saoghal imthighthe é!" "Tá'n dlighe in ainm's iad a smachtú, ach 'séard tá sé a' borradh leob ar chúla téarmaí." "Is mór a' tromuidheacht atá ag sagairt ar ól, má's fior dhóib fhéin, a's fios maith ag 'chuile dhuine, nach gcuirfidís fhéin suas dhó, dhá bhfaghaidís ar chúla téarmaí é." "Nach beag is ionann an uair sin 's anois. Ní fhéadfa aon-fhocal amháin Gaedhilge a labhairt an uair sin ag a' scoil, mara labhruightheá í ar chúla téarmaí. Anois, tá siad dhá mbualadh, má labhruigheann siad aon-Bhéarla." "Ní chaithfead sé aon-ghráinne tobac! Go bhfeacha Dia ar do cheann! Chaithfead sé Píopa Ainde Mhóir, ach gur ingan-fhios a's ar chúla téarmaí é, le faitchíos roimh an athair."

Cunntas, cunntasach

Cunntas: ainm-fhocal, firinscneach, iolraidh — cunntais [foghar — cúnntas go h-iondamhail i gConamara. Cunntas — Achréidh. Sin é 'fhearacht ag an aidiacht é].

Cunntas = bille, suim etc. [féach Foclóir Uí Dhuinnín].

Cunntasach = cruinn; baileach; chuile rud a chur san áireamh nó 'san gcomhaireamh; barrainneach; mion i gcunntaisidheacht.

"Déan suas mo chúnntas (mo chunntas). Beidh mé ag imtheacht indiu" = an méid tuarastail atá le faghail agam (spailpín). "Coinnigh cunntas ar sin anois." = comhaireamh, cuimne. "Dheamhan cunntas a' bith atá tú indon a choinneál in imirt" = ní bheitheá indon an t-airgead ná'n bonn a chomhaireamh. "Dheamhan cunntas a' bith aige" = níl sé indon rud ar bith i gcúrsaí figiúirí a dhéanamh suas.
"Ceadh nach bhfuil aon-rath leat le cunntas?" = tuige nach bhfuil féith an áirimh ionnad ["cunntas" a thugas go leor de ghasúir Chonamara ar "Arithmetic"]. "Rinne sé suas mo cunntas contráilte" = siopadóir a's bille earraidhthe. "Sin é fhéin an cunntas cam atá aige sin!" [mar dhóigh dhe go ndéanadh an siopadóir cneamhaireacht ar na daoine a "thóigeadh" earraidhthe uaidh]. "Tá sé chomh maith dhuit an cunntas sin a dheanamh amach dom, go n-íoca mé as láimh é. "An fear maith cunntais thú?" = 'bhfuil aon-rath ort le figiúirí
"Chuir sé cúnntas abhaile as Meiriocá faoi sin" = scéala, cur síos.
"Níl aon-chunntas agam air" = áireamh, tuairisc, scéala.
"Cuir an scilling sin igcunntas freisin" = cuir isteach leis an airgead eile nó leis an mbille í.
"Tá an aimsir as cunntas ar fad" [annamh] = uair fíor-choimhthigheach í, nó droch-uair chríochnuighthe; níl cinneadh léithe.
"Tá'n scéal sin as cunntas ar fad" = doi-chreidthe; uathbhásach
"Tá fataí gan chunntas aige" = go barr-bachall; an cuimse fataí.
"Bhí daoine gan chunntas ann." "Bhí ól gan chunntas le faghail ann, an té a raibh dúil aige ann, ach bhí sé ag (d)ul i m'aghaidh fhéin ar fad." "Tá airgead gan chunntais aige."
"'Bhí fuisce fairsing ann, a's ól dhá roinnt ann a's biadh gan chunntas ag fear le fághail'" ["Inghean Frainnc Mhac Confhaola"].

Leabhar a' chunntais = leabhar siopadóra nó a leithide; leabhar áirimh; leabhar atá in ainm's a bheith ag Dia igcóir cionnta a's deagh-oibreacha na ndaoine. "Nuair 'osclóchas Dia Leabhar a' Chunntais, a's Scáthan a' Chirt atá dhá h-iomchur'" (Rafteri)
"Níl deagh-rud ná droch-rud, dá ndéanfa duine, nach mbeidh roimhe annsiúd ar Leabhar a' Chunntais." "D'oscail sé leabhar a' chunntais a's thosuigh sé ag innseacht amach dhá raibh istigh, a raibh tóigthe agam" [siopadóir]

Cléireach cunntais: cléireach a mbeadh cúram cunntas air.
"'Bhfuil fhios agad cé'n cléireach cunntais atá ag M. M. anois?"
"Marach chomh maith a's bhí mé ar mo mhaidí, dhéanfadh an cléireach cunntais a bhí ann cneamhaireacht orm."

Lá an Chunntais = (i) Lá an tSléibhe; Lá Sliabh Sióin; Lá an Bhreitheamhnais.
(ii) an lá cáirde; lá na díoluigheachta.
(iii) "Foighid ort go dtaga lá an chunntais. Feicfe tú fhéin, céard a bheidheas thíos do'n phlúr an lá sin." "Is maith é 'an togáil' (: earraidhthe a fhaghail ar áirleacan) go dtí lá an chunntais."
"Ní h-ionann lá an chunntais a's lá na méise" [cineál leath-fhocail].
[Tá blas milis ar an earradh lá a h-ithte, ach blas searbh lá na díoluigheachta]. "Is díoluidhe maith é 'chuile fhear go dtí lá an chunntais" (nó "an lá cáirde") = geallann an té a "thóigeas" an rud go n-íoca sé é, a's go bhfuil sé in acmhuinn a íoctha, ach nuair a thagas an lá cáirde, is minic nach mbíonn. "Lá an chunntais a chuirfeas aithmhéala ar do bholg." = beidh aithmhéala ort an lá sin, gur ith tú nó gur "thóig" tú an oiread. "Dhéanfadh leithphighinn bó mhór dhíot, lá an chunntais."
"Dhá mbeitheá leithpighinn gearr lá na díoluigheachta, ní bheadh an cunntas glanta, a's cuirfidhe amach ort nach raibh tú indon freastal do do dhlighteanais. Ar a' gcóir chéadna, níor dhóchaide ar bith é, dhá mbeitheá indon an cunntas a íoc go dtí an chianóig dheire, nó déarfaidhe go mbadh fear airgid thú. "Is ridire é 'chuile fhear go dtí lá an chunntais" = bíonn sé de cháil ar chuile dhuine go mbíonn saidhbhreas aige go dtí lá na díoluigheachta."

"Is cunntasach a' mhaise dhuit é; a dhul a' cuimniú ar ruidín fánach mar sin" = níor cheart duit na cupla pighinn, scilling, lá etc. sin a chur sa gcunntas chor a' bith. Tá tú ró-chruinn leis a' gcunntas. "Nach diabhaltach cunntasach anois thú a' bacadh leis a' dá phighinn sin. Tá cuid is mó ná sin amuigh agad fhéin." "Nach thú atá cunntasach ar scáth leithphighinn ghágach. Ní bhánóchadh sí muid ar aon-chor!" "Tá sí sin chomh cruadh chomh cunntasach, a's go dtiocfad sí go bun-an-amhgair leat faoi phighinn. Fuair mé scór uibheachaí áil uaithe annseo anuiridh. Bhí uibheachaí dó a's trí pighne an uair chéadna, a's ní raibh agam ach dá scilling a's dhá phighinn. Chuir mé an gasúr síos chuice aríst leis a' bpighinn a d'fhan orm, a's meastú nar ghlac sí í! Is iomdha 'leithide nach nglacfadh." "Dheamhan fear ar a' talamh chomh cunntasach leis. Thug mé cion cupla iomaire síol turnapaí dhó anuraidh, in áit ar tháinic sé gearr, a's meastú, nar chuir sé aníos oiread agam an an lá faoi dheire." "Ní call dhuit a bheith leath chomh cunntasach sin linne. Is minic ariamh a choinnigh muid duine dhá lá a's trí lá a's seachtmhain, gan pighinn ná bonn." "Is beag a bhí le déanamh agad a bheith chomh cunntasach sin léithe. Ní aireochadh sí na cupla ceaintín bainne sin a thabhairt isteach duit." "Dhá laghad é, is ceart duit é 'thairiscint dó, ó thárla é fhéin a bheith chomh cunntasach a's tá sé" = d'íocfadh sé fhéin 'chuile phighinn leat, a's dhá bhrighin sin, ní mór 'chuile phighinn a íoc leis fhéin. "Má's é an páipéar nuaidheachta é 'thug mé soir as seo aige, th'éis é 'bheith léighte agham féin, ba mhian leis pighinn a thabhairt dom air. Déarfá go bhfuil sé sin, cunntasach." "'Sé'n chaoi is measa a raibh lóistéara ariamh le na mná sin, gan a bheith sáthach cunntasach leo(b). Má leigeann siad pighinn a' bith leat, is mian leo(b) a thrí oiread a bhaint dhíot aríst ar bhealach eicínt eile. Má fhaghann siad sin leigean a' bith ort, cuimleocha siad sop na geirthe dhíot feicfe tú fhéin air."

Curásach [curfhásach?] = ainm-fhocal, firinscneach, geineamhnach = curfhásaigh.
Curásach = talamh nach bhfasfadh tada ann ach salachar guirt; talamh
a bheadh in a shalachar fré chéile; cur a bheadh in a shalachar; cur nó
talamh cuir a bheadh ithte le salachar.

"Dheamhan tada annsiúd thíos aige, ach curásach fré chéile." "Is le bheith
d'uireasbha talamh cuir dhó, a bheith igcleitheamhnas an churása(igh)
sin thíos." "Ní fiú deich triuf a bhfuil aige fré chéile.
Céard é fhéin ach talamh curásach, a's crícheannaí as éadan a
chéile. "Shílfeá nach bhféadfadh an cúl sin, curfhásach
a dhéanamh mar rinne sé, a's a ndeacha de leasú air. A's bhí
sé sean-leasuighthe freisin. Ach sé'n chaoi 'bhfuil sé, tá'n talamh
marbhuighthe ag feamuinn dearg." "Ní bhuachfa (: bhuaidhfe)
aon-duine mórán ar a bhfuil de choirce inGarrdha an Fhóidín,
imbliadhna arae tá curásach déanta aige as cnáimh-éadain."
"Mara bhfuil de thalamh aige ach an churásach ghránda siúd, atá síos
le íochtar, dheamhan mórán is fiú é." "Is beag a' dochar de'n
gharrdha sin a bheith in a churásach, a's gan é 'tabhairt scíthe a' bith
dhó, ach dhá chur 'chuile bhliadhain imbéal a chéile. Tá sé spíonta
aige." "An fheamuinn dearg a rinne curásach de'n áit sin — an
fheamuinn dearg, a's gan leasú a' bith eile a chur in a h-a{ice}
"Má's leat a dhul a' gort-ghlanadh annsiúd, dar mo choinsias, {ní}
bheidh tú gan anró. Curásach ar fad é." "Bhí sé chomh mait{h}
dhuit a dhul isteach i gCoill Mhóir na Creatalaighe le dhul istea{ch}
sa gcurásach siúd. Ní féidir das (: gas) a' bith 'fheiceál an{?}
le neart salachair." "Bhí sé chomh maith dhó a dhul a' deargadh
ar easca chriathraigh le dul a' deargadh ar a' gcurásach siúd.
Níl a' tabhairt ann." "'Bhfeiceann tú in a churásach as éadan
cheana é, a's an bharrann folcuighthe ag sop a's salachar?"
"Muise is beag an áirge dhó, gach's a bhfuil de thalamh i gciumhais
an bhóthair aige. Talamh bradach curásach é." "'Breagh nach
leigeann sé de'n churásach sin síos le cladach, a's an talamh
bán atá aige imbárr a' bhaile a ionnsuighe. Ach is mór leis
a' bhfaigheadh sé d'anró dhá leasú sin." "Tá muid meathta
'chuile bhliadhain a' gort-ghlanadh curásaigh, a's ní fiú an tairbhe
an trioblóid, in a dheidh sin."

Dá, dó, dara,

Dá (dā ach ◌̄ā go h-iondúil) = aidiacht uimhreach. dó (dō, ◌̄ō) = ainm-fhocal ag freagairt do dhá; Dara (:dārɴə, dārə, darɴə) = ord-aidiacht uimhreach de dhá.

Dá: glacann sé fuirm an Uimhir Dhéi, mar a bhíos i gceist sna leabhra Gramadaí ach tá athruithe anonn agus anall ann. Chuirfí na mar alt roimhe amanntaí .i. "na dá bhróig"; "an bhfeiceann tú na dá shúil atá aige;" "cloigne na dá chapall", ach deirtear an freisin, agus b'fhéidir níos minicí. Leanann tuiseal geiniúnach iolraidh an Uimhir Dhéi, agus focla den cúigeadh Díochlaonadh go h-áirid, gnáth-leagan na canúna .i. "Trácht an dá ceárta" (Ní "an dá cheartain" mar níl "ceártain" san gcaint), "barr an dá bhalla" "méarachaí an dá láimh" (: ach deirtear "an dá lámh" corr-uair) agus rl. Fágtar an t-aidiacht san uathaidh scaithtí .i. "an dá bhosca bheag sin".

Tá mo dhá ordóig briste (baill mar seo a bhfuil péire díobh ann deirtear dá leo go h-iondúil ach níl an rial cho géar agus atá sí san mBreathnais le baill na colna) / Bhí an dá shúil ag dul amach thar a cheann le scéin (le dúil san mbeatha; ag breathnú orm agus rl.) / Tá mo dhá chois seacáilte / Níl an dá chluais go dona agam, ach leath-chluais / Is maith an fear é sin ar dhá mhaide rámha déarfá! / Tá mo dhá sháil amuigh thrí mo bhróga / "Dhá chluais choinín i dtuimín fhéarach" [as rann páiste] / Shílfeá gur dhá leath-deir-eadh cuit atá air! / Tá dhá spreanguide de dhá chois air agus iad cho scaptha agus go bhfuil ceann aca is chaon leath-bhaile den dá leath-bhaile / Tá dhá leiceann (dhá phluic, dhá ghruaidh agus rl.) cho beathuithe air! / Is geall le smutáin an dá ghéig láimhe atá air, bail ó Dhia agus ó Mhuire air / Dar príosta tá dhá mhása feóla uirre ar chaoi ar bith! / Tá siad ag tuíodóireacht anois ar dhá leathchaoin an tighe / Níl ionnta ach dhá leath-bhróig = ní h-iad an péire céanna bróg iad, cé go mb'fhéidir gurb iad bróga a chéile iad / Dhá leathchois atá air = duine a mbeadh marach eicínt ar a chosa, mar dhóigh dhe nach raibh an dhá chois feilteach dhá chéile / Chaith mé dhá leath-ráithe ann — leath-ráithe anuiridh agus leath-ráithe arú anuraidh / Dhá uair, (: faoi dhó), dháréag (= dhá cheann déag; dhá scór nó dhá fhichead; dá chéad; dhá mhíle; dhá mhilliún; dhá dtrian agus rl. / Bhí sé dhá uair annseo / Tá sé dhá uair cho mór leis / Tá dháréag aca ann / Tá lán an tighe de

pháistí aice: dháréag agus píobaire (: trí dhuine déag) / Chuaigh cuisle dhá-
réag air (: coiste) / Bhí dhá dhuine dhéag ann (dhá dhuine fhichead
dhá dhuine agus fiche, dhá dhuine dhéag agus fiche, dhá dhuine agus dhá fhichead nó
beirt agus dá fhichead, dhá dhuine dhéag agus trí fichid, dhá phunt agus cheithre
fichid agus rl / Bhí dhá chaora dhéag agus dhá scór aige / Tá dhá dtrian sainte
acu = is beag eile atá ann ach saint; saint ar fad é; tá an oiread
sainte ann agus nach bhfuil áit ag cáilíocht ar bith eile ann / Tá dhá
dtrian uilc ann / "Dhá dtrian cainte ag lucht póite" / Tá dó agus pínn agam
(= 2s. 1d) [dó agus dhá phínn … leathchoróin … dó agus aon-phiginn déag] / Thug
mé dó agus dhá fhichead air (£2 2s) [Trí agus dá fhichead, deich agus dá fhichead, dó dhéag
agus dá fhichead, … seacht déag agus dá fhichead agus rl. / An dá lá is beó mise aríst
ní fheicfidh tú annseo mé (an dá lá agus a bhéas mé beo, an dá lá agus an
fhad agus a mhairfead) = choichín / Níor bhain sé dhá fhata = níor bhain sé ach
glaicín bheag / Níor chuir sé dhá spreab le seachtain = is beag a chuir
sé / Ní dheachaidh mé dhá choisméig nó go bhfaca mé rómham é = achar ar
bith / Ní bheidh mé dhá mheandar amuigh / Níor dhúirt sé dhá fhocal cainte ar
feadh na h-oiche / Níor ith mé dhá ghreim le seachtain = ba bheag a d'ith mé /
Níor chodail mé dhá néal aréir / Ní fhaca mé an fear céanna dhá uair
ariamh = ní minic a chonnaic mé é / Ól dhá bhlogam tae = braoinín /
Ith dhá ghreim / Cuir dhá iomaire fataí = beagán / Níl dhá fhód móna
bainte aige / Níor thug sé dhá lá ar fhónamh uaidh ó tháinig an bhliain / Ní thiúrfainn
dhá thufóig air = duine nach mbeadh aon-mheas agad ar a ghníomh nó ar a
thréartha / Níl díol dhá luichín churta aige (d'fhataí, d'arúr agus rl.) /
Níl dóthain dhá chearc de choirce aige / Dhúin sé a dhá dhorna le mé a
bhualadh / Bhí sé ar nós gasúr a dtiocfadh dhá chroí dhó nuair a d'fhágfaí
ó'n scoil é = tháinig an-riméad air / Tháinic dhá chroí dhom nuair a
chuala mé ag caint thú. = luthgháire / Sin é féin fear an dá chroí =
slíomadóir; bhréagfadh sé thú agus d'imreódh sé ort / Seachnaíodh duine an
té a bhfuil an dá chroí aige. Liomsa agus leatsa agus liomsa aríst, mar
adeir an ceánn eile / Ná tabhair aon-áird ar fhear an dá chroí.
Cuirfidh sé an chluain ort agus fágfaidh sé annsin thú. / Tá dhá intinn ag
an nG. = dhá chineál tréartha nach bhfuil aon-chosúlacht aca le chéile
= dual personality / Tá an dá bhealach leis sin = tá sé cneasta
agus cam; tá sé le dhá dhream poilitíochta san am céanna; nó a leithide

ba leat uiliog é, ach bheadh sé amhlaidh le do dhearg-námhaid freisin / Tá an dá bhealach ann: an Daingean agus an Ceann = d'fhéadfadh bádóirí a dhul go Rosmuc tímpeall Cheann Golaim, nó suas an Daingean; tá dhá chaoi le rud a dhéanamh agus rl. / Níor mór don bhréim sin dhá uisce a bheith faoi: uisce anois agus uisce arís = an t-uisce a bhaint uaidh nuair a bheadh sé faosctha agus uisce eile a chur faoi / Tá an-fhiuchadh aige sin. Ní mór dhá fhiuchadh a bhaint as = a fhiuchadh faoi dhó / Tá dhá ionntú ag an gcarraigín sin = nuair a bheadh sé ar tuar, chaithfí a ionntú faoi dhó le go mbeadh sé sách tirm / Tá dhá leigean-amach ar an bhféar sin = ní mór a leigean amach faoi dhó / Beidh dhá dhéanamh air anois: do dhéanamh-sa agus an duine a chaithfeas a dhul air in do dhiaidh / Dhá ghlas caorach atá san gculaith sin (fc. glas) / Bíonn dhá shuathadh ar an muirtéal sin / Déan dhá leith dhe = dhá chuid chomh mhóra / Tá mo chloig-eann in a dhá leith le tinneas cinn / Tá an baile in a dhá leith anois = é in a dhá dhream agus iad in aghaidh a chéile / Déan dhá leith den cháca / Ní fhéadfaidh duine dhá leith a dhéanamh dhe fhéin. Ba deacair domsa a bheith in éadan féir agus indiaidh beitheach = ní fhéadfaidh an gobadán an dá thráigh a fhreastal / Cen chaoi a bhféadfaidh mise a dhul ann mara ndéana mé dhá leith dhíom féin? Nach bhfeiceann nach bhfuil aon-ghoir agam corraí as seo / Bhí an dá Phádraig annseo anocht = beirt agus Pádraig ar chaon duine aca / Tá an dá mháistir scoile pósta anois / Deir siad go bhfuil an dá leath-pharáiste sin le cur in a chéile agus paráiste nua le déanamh asta / Tá an dá leath-bhaile seo buailte d'uireasa feamainne / Bhí an dá Sháile Uana uiliog ann = muintir an dá Sháile Uana = dhá bhaile agus Sáile Uana ar chaon ceann: Sáile Úana Thoir agus Sáile Uana Thiar / Tá an dá Árainn eile an-bheag = an dá oileán eile de na h-Árainneachaí (: d'oileáin Árann) / Tháinig an soitheach mór isteach Sunda Ghríoghóra agus thug sí an dá Árainn aniar léithe = sheól sí aniar thar dhá oileán Árann / Tá an dá Bhanra folctha = an Banra Beag agus an Banra Mór = dhá charraig mhara / Cheap mé an dá bhóithrín a thabhairt liom — a dhul síos an bóithrín thiar agus aníos an bóithrín thoir — agus mara bhfaghainn ar an méid sin é, sneachta a chaitheamh ar a lorg / Chuala mé fothromán mar a bhuailfí dhá chlár an domhain faoi chéile = fothramán gártha /

Teanam an dá chailleach agus gan aon-chailleach ag tiacht = duine a bheith ag iarraidh freastal de dhá rud in éindí agus gan aon-déanamh ar cheachtar acu, nuair nach mbeadh sé indon a dhúracht a chaitheamh le ceachtar aca / Tá sé ag iarraidh a bheith ag freastal do thalamh agus é leath na gcuarta imithe ag cruinneál an rud eile sin. Sin é teanam an dá chaill-each agus gan aon-chailleach ag tíacht. Ach sén chaoi a mbeidh sé as a dheir-eadh, ní bheidh Mrucha ná Mánas aige / Níl Gaeilge ná Béarla ag an dream óg sin an taobh suas anois. Sé teanam an dá chailleach é agus gan aon-chailleach ag tiacht / Tá mé idir dhá mhac Uilliam (wakəʟ'ĭəm) = idir leic agus losad = idir ord agus inneóin = i ladhar an chasúir = a bheith i dteannta [deirtear "idir dhá bhata Liam" freisin. Cuimne é, b'fhéidir ar chogaí MhacUilliam Uachtair agus Íochtair] / Tá sé idir dhá chomhairle / Ní bheidh aon-lá suaimnis aige lena shaol aríst má phósann sé a h-inín sin. Beidh sí rithte siar aige i gcomhnaí aige idir dhá shíon lena bhánú = chuile fháfall nó chuile dheis dhá bhfuighidh sí, beidh sí go dtí é dhá shladadh / Lá idir dhá shíon é / Ní raibh aon-fhear maith ariamh idir dhá abhainn = an abhainn thoir agus an abhainn thiar / Sé an rota seo anois idir dhá abhainn an áit is boichte in Éirinn / Ní fhágfaidh fear idir dhá dhroichead nach maróidh sé / An tsráid idir Dhá Dhroichead (fc. Droichead) / Tá h-ocht dteach agus dá fhichead idir dhá Chuigéal / Tá tú idir dhá dhoras na gaoithe annsin = duine in a shuí agus an seoideadh ón dá dhoras air / Tá sé indon snámh idir dhá uisce / Níl rud ar bith is mire ná cut idir dhá theach / Tháinic mar a bheadh iomghaoth ann idir dhá cheach orainn agus bhuail rae roilleacán an churach ar an toirt / Tá sé ag mianadóireacht idir dhá leachta annsin thiar = ag iarraidh a bheith ag cur (fhataí nó eile) i dtalamh clocach / J. B. agus bean mhór bhog aige idir dhá thom shaileánaí annsin thuas = b'olc an dóigh d'fhear bean den tsórt sin nach mbeadh mórán déantús maitheasa innte, agus a bheadh mórthráthach, ar thalamh driseach saileanaí / Bíonn sé ag imeacht idir dhá thulán annsiúd mar a bheadh londubh ann = ag dul de léim ó thulán go chéile; fear sléibhe / D'imigh mise i gcoinne na mbeitheach agus cheangail mé san gcró iad, agus tháinic seisean idir dhá am = ó a chuaigh mise amach i gcoinne na mbeitheach nó go dtáinig mé isteach aríst / Is beag atá idir dhá scéal aige sin = tá sé luath-intinneach, teagann malrait intinne dhó an-éascaidh; Tugann sé áthas ar bhrón, nó an bharúil seo ar an mbarúil siúd go rí-sciobtha / Is maith scéala nó go dteagaidh an dara

scéala = má chloiseann tú leagan amháin ar rud b'fhéidir go ngéillfeá dhó, nó go gcloistheá malrait leagain / Bíonn sé annseo gach darna seachtain (chaon darna seachtain) = gacha le seachtain / Ní bhfuighidh chaon dara duine dhíob sin obair / An dara h-inín is óige aige atá le pósadh / An dara duine déag, an dara duine fichead, an darna duine déag agus fiche agus rl. / Tá sé faoi dhó cho mór leis = tá sé cho mór leis faoi dhó / Tá faoi dhó an oiread uilc ann agus atá in P. / Níl sé cho h-árd le S. ach tá a théagar ann faoi dhó / Ní fhilleann an óige faoi dhó coichín / Níor labhair mé faoi dhó ariamh leis / Ní bhaileóidh tú faoi dhó í, mara gcuire tú an-mhaoil ar an ualach seo / h-aon, dó trí ceathair … mar sin atá comhaireamh, ach níl ann ach comhaireamh, nó figiúirí. 1 = a h-aon, 2 = a dó, agus rl. Ach má bhíonn rud ar bith áirid ann caithfear an rud sin a ainmniú .i. bó, dhá bhó agus rl. maide, dhá mhaide agus rl. / Bhí sé annseo a dhó nó trí de chuarta = cupla uair nó trí. [Séard adeirtear go minic "a dhú nae trí" (: ə ɵ̄ū ɴɛ̄ t ʼr ʼī)] / Tá a dhú nae trí de cheanna agam / Chaith sé a dhú nae trí de laethantaí annseo / D'ól mé a dhó nó trí de phionntaí / Níl thar a dhó nó a trí de "feaigs" le fáil anois / Dógh ab eadh! Dó agus a dó sin a ceathair [greann focail "dógh" agus "dó" ar aon-fhuaim] / Tá sé an dó (a chlog) / Gheobhaidh tú san mbaile é ó'n dó amach / An dómhadh lá déag d'Fhómhar = deirtear dómhadh in áit dara scaithtí ach ní abruítear é mara dteaga "déag" isteach ann ach amháin san leagan "an dómhadh nó an tríomhadh" (lá, duine, etc). Fc. damhadh réag san gcnuasach seo. "Bhí sé an damhadh réag nuair a tháinic sé abhaile". Dómhadh é is cosúil .i. an dara h-uair déag; an dó dhéag san oíche / Tá sé an dó dhéag (san oíche, san ló) / Níor tháinig sé go raibh sé an dó dhéag san ló / Tá a dhá aoirde ann / Tá mo dhá mhéad-sa ann / Tá bóthar na G. a dhá fhad / Tá a dhá oiread sin annseo / Tá mo dhá théagar -sa san mbean sin = tá an bhean sin mo dhá théagar-sa / Níor mhór dhuit a dhá leithead sin / Ara, cén 'is goire é do Gh. ná S." Tá sé a dhá ghoireacht, ar a laghad ar bith / Tá sé deacair go leór cailín ar bith a fháil ach tá a dhá dheacracht cailín ar fónamh a fháil / Tá an ceann (: rothar) sin agad sciobtha go maith, ach tá sé seo a dhá éascaíocht. Cuirfidh mé geall leat / Níorbh fhuláir duit maide a fháil a bheadh a dhá spreacadh sin. Is beag an baol air sin a choinneál / Rinne sé de dhá léim é = an-sciobtha; mear / Dheamhan dhá chor go raibh sé déanta aige = dhá mheandar

Dáil: sa leagan i ndáil le (: ə ɴālʼ lʼɛ̄): in aice, ingar, ionann, buailte
ar, beagach, ionann agus é, ar na buird, ar na bocáin chuig, gar go leor do etc.
[Tá an leagan seo an-choitianta i gcaint. 'Sé an focal is minice ar "almost"
an Bhéarla é ar fud na Gaillimhe ar fad. Ach is minice go mór adeirtear
ráidhtí ar nós "bean a bhí indáil liom", "teach a bhí indáil leis", "bóthar
a bhí in dáil leobhtha" ar an Achréidh ná taobh thiar de Ghaillimh. Leagan
ainm-bhriathrach, aidiacht-bhriathrach, nó réamh-fhoclach nó aidiachtach, agus níos annaimhe ná
sin leagan le ainm-fhocal a theagas ar lorg "indáil le" taobh thiar de
Gaillimh. Ach ní mór a rádh go bhfuil leaganacha ar nós "thoir indáil le
Páirc na Rástaí" coitianta go maith taobh thiar freisin. "Geall" adeirtear
i leabaidh "indáil" in a lán ceanntar in Iarthair na Gaillimhe
Fc. geall]

Bhí "prayer book" ag bean a bhí indáil liom agus mé féin gan
dadaí = ingar dom; le m'ais / Tá a theach indáil liomsa thoir annsiúd /
B'fhearr dhuit a theacht soir indáil linn. Bhfuighidh(?) (: gheobhaidh) tú
'chuile chóir uainn / Tá sé féin agus J. M. indáil le chéile. Agus má tá
féin níl siad an-mhuintreach le chéile /[Gabhfaidh sí soir indáil leis
an deirbhshiúr eile anois. Tá áiteacha maithe soir annsiúd i gCoill
an Bhoga(igh)]/ Tá sé thuas indáil le Baile Átha an Ríogh = inaice
Bhaile Átha an Ríogh (Achréidh; Iarthair na Gaillimhe) / Dhíol sé a chuid
talmhana annseo agus chuaidh sé suas indáil le Baile Átha Cliath.
Deir siad go bhfuil feilm mhór aige annsiúd / Teann siar indáil le
Gaillimh. Beidh tú ar do mhian ceart annsin: neart cailiní, neart óil,
agus neart peictúir /[Bhí sé ag teannadh indáil liom ariamh ariamh nó go
raibh sé le m'ais [Achréidh, Iarthair na Gaillimhe] / Doirt indáil léithe
agus bain fáscadh aiste]/ "A Pheigí Bhán suidh indáil liom: is tú cuisle geal
mo chléibh" [As "Mná Deasa Locha Riach"] / Ní raibh baoghal ar bith ormsa suidhe
indáil leis sin. Sháróchadh sé mé i gcaitheamh na h-oíche lena chuid floscaidh
-eacht' /[Tá sé in a chomhnaí thiar indáil leis an gC. R. leis an tsíorraidh-
eacht. Thug sé cúl ar fad do'n Bh.]/ Bhí mé thoir indáil le Ó. Is ann atá
an fear a cheannuigh an mhóin uaim ina chomhnaí /[Bhí mise san áit a
bhfuil sí pósta: thoir indáil le tórainn Roscomáin. Má tá fhéin,
tá sí in a suidhe go te ann]/ Bhí mé thiar indáil le tigh Sh. an Gh. (nó

indáil le ag) nuair a tháinic an múr orm. Chuaidh mé isteach ann ar fascadh /[Tá a theach thíos annsiúd indáil leis an gcladach. 'Sé an teach is fuide síos de'n bhaile ar fad é, 'sé sin / Tá a chuid portaigh indáil leis an easca. Go deimhin is droch-phortaigh iad. Ní tada eile iad]/ Brugh indáil leis an teine, agus tabhair goradh dhuit féin. Tá ceart agad a bheith fuar th'éis t'aistear. Phréachfadh an lá indiu na fiadha dhubha / Bhí sé thíos indáil leis an gcéibh, agus é sínte ar an móinín bán ann. Dheamhan duine beo nach sílfeadh go raibh sé criogtha leis an mbail a bhí air /[Shuidh puicneach mhór indáil liom sa mbus, agus ní raibh mé féadachtáil corrughadh aige, bhí sé cho mór cho beaithtí sin (Achréidh)]/ Tá sé indáil le buailte (: an Gearmánach) = beagnach [: cuirtear isteach "bheith" go minic freisin is na ráidhtí seo .i. tá sé indáil le bheith buailte; ach measaim thríd agus thríd gur minice a fágtar ar lár é] /[Bhí sé indáil le briste de'n obair, marach an chaoi a ndeacha mise 'un cainte leis an "mboss" / Tá muid indáil le críochnuighthe anois]/ Bhí sé indáil le bheith déanta aige an uair sin / Bhí sé indáil le bheith tóigthe ag na póilíos, nó go dtáinic an bhean anoir, agus gur iarr sí ar son Dé gan a chur isteach / Tá sé indáil le ar meisce / Bhí sí indáil le ar na preaba deireannacha shul má tháinic an sagart / Ba cheart dó a bheith indáil le ar fáil anois. Is fadó indiu a d'imigh sé / Bhí sé indáil le ar seachrán aríst muis, marach go dtug mise faoi deara ar an mbóthar é agus gur chuir mé an lúbán air sa gcró /[Bhí muid indáil le bheith ar a' (: ar) mine-ghéire i gcaitheamh an lae]/ Tá tú indáil le aisti. Cluiche eile agus beidh sí glan (: scilling in imirt) / Bhí sé indáil le as an mbean sin muis, marach a fheabhas agus a thapuigh sé í / Bhí mé indáil le thar an gcara, nuair a chonnaic mé an lonnadh san uisce / Tá sé in dáil le mara bhíodh sé ariamh = ar a chóir féin: iomlán bisigh aige / Bhí mé indáil le roimhe sa mbaile. Is beag eile a bheadh agam agus bheinn roimhe /[Bhí sé indáil le thoir ag an Aifreann nuair a tháinic an donacht air / Bhí an ghirrfhiadh indáil le aice (: ag an gcú) nuair a thug sé cor eile / Bhí mé indáil le ag an Ros indiu]/ Tá sé indáil le dhul do mo bhualadh annsin ó mhaidin / Chuaidh sé indáil le dhá mhaslú faoi araoid ar bith a chur air / M'anam go raibh sé indáil lena bhacadh

faoin bhfeamuinn a chur ar bruach / Bhí sé indáil le ina olc air = is beag nach raibh olc air / Dar príosta bhí sé indáil le in a fhaitíos orm féin, nuair a chonnaic mé an sonnda / Tá sé indáil le ina lá /[Tháinic sé indáil le ina imní uirri nuair nach raibh ag teacht dó / Diabhal mé go bhfuil sé indáil len a ghála]/ Dheamhan mé nach h-eadh ach go bhfuil an múr seo indáil le in a shneachta chorpanta / Meastú an bhfuil sé indáil le in a thuile / Tá sé indáil le in a fhear /[Tá Seán seo thiar anois indáil le bheith in a chneamhaire cho mór len a athair]/ Bhí sé indáil le dhíom agam nuair a bhuail ath-shlaghdán mé / Bhí an fear mór indáil le dhíom agam nuair a tháinic an dearbhráth -air / Shílfeá go raibh sé indáil le idir dhá chomhairle faoin a thabhairt dom nuair a chuir an bhean a ladar isteach /[Bhí sé indáil le gan bonn bán a bheith air nuair a tháinic an udhachta / Tá an sioc seo indáil le gan fata ar bith a fhágáil againn i mbliana]/ Tá sé indáil le thrídh aoithiú anois. Dubhairt an dochtúr dhá maireadh sé cupla uair eile go raibh aige / Tá an bóthar nuadh indáil le go portach agam anois / Chuaidh sé indáil le go cladach shular rug mé air / Cuirfidh an t-airgead sin anois indáil le go dtí na dhóthain é, ach is deacair é siúd a chur go dtí na dhóthain. Tá an drabhlás mór ann /[Ní dheacha sé aon dheich bpunt ach chuaidh sé indáil leis / Níl an bóthar fós déanta go dtí barr na ngarrantaí ach tá sé indáil leis]/ Níl sé na cheithre scóir ach tá sé indáil leis / Ní bhfuair sé bás fós ach tá sé indáil leis / Níor eirigh mé ach bhí mé indáil leis /[Níor báthadh é, ach bhí sé indáil leis, marach an fear maith a bhí ann / Níor dhubhairt mé leis é ach bhí mé indáil lena rádh]/ Níor íoc mé é, ach bhí mé indáil len a íoc marach an chaoi a ndeacha fainic orm / Tá sé indáil le ag fáil bháis / Tá sé indáil le cho tugtharach do'n ól le ceachtar aca /[Tá an teach sin ag G. indáil le cho h-áirgeamhail le ceachtar aca]/ Bhí sé indáil le ag cur amach = múisc / Bhí sé indáil le ag imeacht marach gur stopadh é / Tá sé indáil le ag cur shneachta / Bhí sé indáil le ag caoineachán le droch-mhúineadh / Tá sé indáil le ag báisteach cheana /[Feicthear dhom go mbadh cheart go mbeadh sé indáil le ag trághadh feasta]/ D'iarr sé indáil lena phárdún (: geall lena phárdún freisin) faoi'n méid sin trioblóide a chur air / Chuaidh sé indáil le ar a ghlúine dhó / Tá sé briste nó in

leis. (: deirtear freisin "tá sé briste: indáil leis" nó "tá sé briste geall leis" fc. geall] /[Chaith sé punt nó indáil leis / Fuair sé bás indáil leis nuair a chuala sé go raibh a fhios agamsa é / Bhánuigh sé é féin nó indáil leis, le na beithidhigh sin]/ Chriog mé é: indáil leis / Bhuail mé é indáil leis faoi'n méid sin féin a rádh / Ná bac le indáil leis. Tá sé déanta ar fad aige = ní indáil le déanta atá sé, ach déanta ar fad /[Ná bac le indáil leis. Bhí sé ar meisce críochnuighthe / An bhfuil sé an sé fós? Freagra: indáil leis / An bhfuil tú réidh? Freagra: indáil leis / Tá nó indáil leis. Ní fiú dhom a rádh nach bhfuil mé críochnuighthe]/ Tá sé indáil le amuigh (: as an teach) ag na deirbhshiúrachaí / Tá an fear mór seo againn féin indáil le istigh arís. Cupla céad bhót eile agus beidh / Tá siad indáil le thiar ag R. anois / Tá an chith indáil le thart. Ní miste sin muis / Tá sé indáil le ar an mbeagán anois = tá sé caithte aige go dtí an beagán / Tá muid indáil le taobh leis an leathchoróin arís, th'éis a raibh gnóithte againn ar ball. Uair bheag agus uair mhór arsa tusa / Bhí mé indáil le d'fhuireasbhaidh mo phuint / Is indáil le ina chomhnaí a chonnaic muid ariamh é /[Is indáil le fliuch a bhíos sé annseo 'chuile lá dhá n-eirigheann orainn / Ba indáil le go dona a chaith a athair féin an saoghal]/ Ba indáil le ar an leabaidh a chaith sé na blianta deireannacha fré chéile / Is indáil le cheal éadaigh atá an duine bocht ó a chonnaic mise an chéad lá ariamh é / Is indáil le in a ghlúineach atá an garrdha fataí sin thoir ar fad /

Daba (: dabə); ainm-fhocal, fireann, uimhir iolraidh: dabaí (fc. freisin daibéad)
Daba: dóid; daibéad; spóla; cannda; dairt bhog; bríb; an oiread agus a shásóchas duine faoi láthair

Tá an ithir thuas ar fad in a dhabaí de bharr na báistighe /[Ná bac leis an ngarrdha siúd. Tá sé in a dhabaí uiliog. Chuirfeadh sé cantal ort a bheith dhá chur]/ Rug sé ar dhaba agus chaith sé liom é: dairt bhog creafóige nó mhóna / Buaileadh isteach ar an straois mé le daba de rud eicínt. Sin é an uair ar chroch mé fhéin mo sheolta liom /[Dhéanfadh sé dubhachan an tsaoghail, ach ní bhíonn cuma curtha ar fhata ar bith ina dhiaidh. Bhí sé dhá lá ar páighe agam 'sa ngarrdha sin thiar anuiridh, agus b'éigin dom a bheith ag fuagairt air 'chuile mhionnóid, na dabaí móra roighne siúd atá 'sa

gcúl láir a mhionnú. Dheamhan an láighe fhéin a chuirfeadh sé thríob]/
Tá daba eicínt aige seo suas sa maingín muis agus an deifir atá abhaile
air = leota nó spóla feola / Má tá sé indon an daba sin (: feoil) a
choinneál leis féin i gcomhnaí, dheamhan cailleadh air. Amadán a
bheadh ann dhá ndéanadh sé aon-bhuille maitheasa agus fuigheall na
bhfuigheall aige mar atá sé /[Bhí an-tóir aige ariamh fhéin ar an daba,
ach ba bheag nachar chuir sé a shúil thar a chuid indiu. Bhí a dhá shúil
ionntuighthe ina cheann. Marach gur eirigh Dia leis an cnáimh a chuir
aniar, ní raibh an nóiméad féin moille air go mbeadh sé tachttha]/
Ar an lá luath agus ar thosuigh an tsiúite, dheamhan asna dhíom nach sciob-
ann an daba de'n phláta agus "haway" liom. Déarfainn go mbadh diomdhach
an bheirt a bhí ionnta nuair ab éigin dóibh a mbéilí a ithe tur tar /
Déan réidhteach leis an ím. Nach bhfuil a fhios agad go bhfuil sé ar a
ghainne anois. Is gearr a mhairfeas punt má chuireann tú daba mar
sin ar 'chuile stiallóig /[Cé a chaith an daba de cháca sin ag an madadh.
Nar agruighidh Dia orraibh a bheith ag caitheamh aráin mar sin ag mádraí
agus cho dona agus atá an saoghal]/ Ná bac le tuiscint a bheith ag muintir na
h-áite seo a dhearbhráthair. Ní athróchaidh siad go bráth 'fhad 's choinneochas
an Government daba leo /[Cheannóchthá é sin le "feaig" agus is beag an
rud é. Fear ar bith a chaithfeas daba aige sin, beidh sé leis ar sheol
na braiche]/ Tá an scoin-mhíol atá ar an mbaile sin mar bheadh
mádraí ann. Má chaitheann tú daba ag madadh, leanfaidh sé i
dtigh diabhail thú. Sin é a fhearacht aca sin é. Tugann M. corr-
dhaba dhóib, agus tá sé ina dhia beag aca a mhic ó /[Tuilleadh diabhail
aca anois. Coinnigheadh dabaí sáthach fada leo, ach beidh siad gan
daba gan deoladh feasta. Sin é an gléas orra]/ Ara tá chuile dhuine
siar annsin ag fáil an daba eile sin — an Dole — ar feadh na bliana
uiliog, agus is cuma leo sin sa diabhal, ach gan é sin a bhaint dóibh (: díob). Dhá
mbaintí, bheidís réidh le K. gan mórán achair. Dheamhan mórán
gnaoi ag cuid mhaith aca cheana féin air, ach tá siad i bhfaitíos faoi'n
"dole" in a dheidh sin /[Díogha ceart é sin agus 'chuile fhear ar a bhaile.
Mhair siad sin ariamh ar dhabaí an Tighearna sin a bhí i mbéal an
dorais aca, agus tá a shliocht uirre: tá béasaí Shasana bealuighthe
isteach ionnta, agus ní scarfaidh siad leo go luath]/

Dáiríre: ainm-fhocal is cosúil agus feidhm aidiachta leis. = malrait muga maga, nó greann; fírinneach; diongmhálta; a bheith de rún agad rud a dhéanamh ar uain nó ar éigin; críochnuithe; bal chríoch a bheith ar rud. (: ʒārʼīrʼə go h-iondúil, ach dārʼīrʼə scaithtí. Ní bhíonn "i" roimhe beag ná mór)/.

Dúirt sé sin agus bhí sé dháiríre (faoi) freisin = ní bréag ná cumadóir-eacht a bhí sé a dhéanamh; an rud adúirt sé, bhí rún aige cur in a cheánn / Diabhal dháiríre é = diabhal críochnuithe é / Droch-lá dháiríre é anois = is fíor-dhroch-lá é / Tá sé seo thíos ag cur dhe dháiríre anocht = ag glagaireacht chainte; ag siúite / Tá sé ag cur dháiríre anois = is báisteach throm í / Deir tú go bhfuil sé ag baint (na móna) dháiríre inniu = go dtí inniu, ní raibh sé ach ag stócáil, ag crapadh sprémhóna, ag scrathadh agus rl. / Deir tú go bhfaca tú dháiríre é = gan aon-aimhreas a bheith faoin a fheiceál / Thug sí faoi dháiríre é = d'ionnsaigh sí go mád-arúil é / Iarr dháiríre air í. Nach ag mugadh magadh a bhí tusa dhá h-iarraidh air / Thairg sé mé a bhualadh, agus m'anam go raibh sé sách dáiríre faoi freisin /[An raibh sé dháiríre ab eadh? Ní dháiríre go dtí é / Tá sé ag obair gan a bheith dháiríre faoi / Cén mhaith do dhuine a bheith in ainm agus a bheith ag déanamh rud nuair nach mbíonn sé dháiríre faoi / An bhfuil sé ag ól dháiríre? = an fíor go bhfuil sé ag ól, nó b'fhéidir nach bhfuil sé ag caitheamh aon-deoch mheisciúil / Dúirt sí go n-im-eódh sí agus bhí sí dháiríre faoi freisin / Thosaigh sé in a ghreann ach buail-eadh mise as dáiríre = ní as greann a fuair mise an buille / Cneámh -aire dháiríre é má rinne sé rud mar sin = cneámhaire críochnuithe / Tá mé dháiríre glan (Tá mé dháiríre críochnuithe, dháiríre amach agus amach) = dháiríre ar fad / Seo sneachta dháiríre = sneachta mór / Tá sé tóigthe! Dáiríre! = ní ag magadh atá tú, nó an fíor duit é / Dáiríre! … Cé a cheapfadh é? / Gortaíodh a chois! Dáiríre!]/ An dáiríre atá mé, an eadh! Seadh muis agus dháiríre píre = dháiríre críochnuithe [cuirtear píre leis go minic len a neartú) / Sé a bhí dháiríre agus dháiríre píre / Dháiríre píre ar tháinic sé = ar tháinic sé go dearfa [ach ní féidir dháiríre a chur roimhe aonraic mar seo. "Ar tháinic sé dháiríre (píre)".] /[Dháiríre píre a mhic ó! Nar fhága mé seo! / Dháiríre píre an bhfuil rún agad a dhul ann. Dar mo chúis (cubhais) gabhfaidh mé in éindigh leat maran ag magadh atá tú]/ Idir shugradh agus dáiríre (dháiríre)

cé aige a bhfuil sé? = b'fhéidir gur cúrsaí magaidh dhuitse é, ach tá mise dháiríre anois / Buaileann sé sin duine idir shugradh agus dáiríre = bíonn sé ag leigean air fhéin gur ag magadh a bhíos sé ach ní hea ach dháiríre / Idir shugradh agus dáiríre innis dom céard a thug go dtí sib é = ní raibh muid ach ag déanamh grinn faoin scéal go dtí seo, ach caitheadh muid an greann i gcártaí agus teigheadh muid ar an dáiríre anois /[Sílim idir shugradh agus dáiríre muis gur iarr sé le pósadh í. Is beag an mhairg a bheadh air siúd a h-iarraidh má chaith sé ina cheann é / Ní bheadh a fhios agad barainneach a raibh sé dháiríre nós mara raibh (nó mara raibh). Idir shugradh agus dáiríre a bhí sé sílim. Tá sé cho bréagach leis an bhfear adúirt go bhfaca sé an féar ag fás ar aon-nós]/

deóise: ainm-fhocal, buineann, uimhir iolraidh = deóisí, deóisíochaí.
deóise: Fáirche; an limistéar (nó an méid paráistí) a bhfuil urláimh ag easbog air. [Deóise agus ní fáirche adeirtear cé go bhfuil fáirche i gcaint]

Níl an dlí sin i ndeóise Thuama chor ar bith té (: cé) go bhfuil sé i ndeóise na Gaillimhe / Bhí sagairt na deóise uiliog ann / Sin é an t-easbog atá ar an deóise seo anois. Is áibhéil an bléitheach fir é … Ní theastaíonn "bail ó Dhia" ar bith ón a leithide sin! Níl aon-ghoir ag aonduine droch-shúil a dhéanamh dhe (dhó)! Nach bhfuil an tír ag guidhe dhó! /

Dall [: dāL :Conamara: daL :Achréidh]: ainm-fhocal, fireann, geineamhnach uathaidh agus ainmneach iolraidh: daill (: dəiL'). Dall: Duine nach bhfuil amharc nó radharc ná súl aige; cluasánach nó duine nach bhfuil meabhrach (Fc. dall dúda, dallán, dollán, dallarán, dallach dubh, dalladh, dalladh mullóg agus rl.)

"Is léar do'n dall a bhéal" = nuair a bhíos sé ag ithe, bíonn sé cho maith le duine ar bith eile, arae tá a fhios aige an áit leis an mbeatha a chur / Cé'n sórt solas sin oraibh? Nach bhfuil a fhios agaibh nach bhfuil aon -ola ann. Ithigidh suas dhá fhuireasbhaidh. Is léar do'n dall a bhéal / Dheamhan call coinneal duit. Is maith dhuinn againn sa dorchadas féin é. Is léar do'n dall a bhéal, adeir siad /[Nach thú atá thart anois, go lastar lampa dhuit. Marach peataidheacht ort ní theastóchadh solas ar bith uait leis an ngreim sin. Is léar do'n dall a bhéal / Cé'n call atá dóib tada a thuiscint. An fhad agus a gheobhas siad neart len ithe cé'n mhairg atá orra? Is léar do'n dall a bhéal adeir siad = freagra ar fhear a bhí ag coireamhaint ar an nGearmáin faoi rádh agus nach raibh cead cainte ná cead a gcos ag na daoine ann, agus go raibh gach uile fhios dhá cheilt orra, ach an fios a d'fheil do Hitler, dar leis]/ "Bhéarfadh dall ar ghirrfhiadh" = Bhéarfadh dhá bhfaghadh sé bruithte ar phláta é. Níl ann ach magadh focal / Bhéarfadh dall ar ghirrfhiadh … Bhéarfadh dhá bhfaghadh sé ar an bpláta é / Is gearr go gcaithtear madadh a fháil dom. Níl spré ar bith ag fanacht agam. Tá mé in mo dhall / Bhí a h-inghin in a dall = bhí dall d'inghin aice /[Dall é adeir siad / Tá an tír uiliog faoi dhaill ó a tháinig pinsean na ndall amach / Tá sé ag fáil pinsean na ndall, agus dheamhan a dhath ar a amharc ach an oiread liomsa / Nach thú an dall! Nach bhfeiceann tú annsin é as comhair do dhá shúl, nó céard atá ort? / Níl ionnamsa ach dall. Ní thuigim tada = dallarán; duine gan aon-eolas / Má cheapann siad gur daill atá ar fad 'sa tír, tá siad ag dul amú]/ Dall ceart é muis. Níl sé indon tada a thuiscint [Is barrainnighe dallar-án a rádh mar seo / Sean-dall glic = ridire comhairleach nó cineál draoi is na sean-scéalta / Is geall le sean-dall glic annsiúd sa

sa gclúid é, ag ceartú. Ba bheag ab aite leis muise an oíche cheana go bhfuighteá-sa locht ar bith ar a chuid cainte / Is cosamhail le sean-dall glic an scurach is sine sin aige. Tá cloigeann cho mór, cho seanórdha air /[Sin é 'ar ndú', an sean-dall glic atá aca ar an mbaile sin. Níl rud ar bith dhá mbeidh ag teacht treasna orra, nach gceaduigheann siad é sin faoi]/ Beannacht Dé dhuit! Ní bheidh gar dhuit ag caint. Éistfidh siad seo leat, agus innseochaidh siad 'chuile mhíle focal di ar ais aríst do'n tsean-dall glic siúd aca fhéin, go bhfeicidh siad cé'n mheas a bhéas aige air. /

Daille, Dailleacht (: deʟ ' ə: deʟ ' əxd): ainm-fhocla as "dall".
Daille, Dailleacht: a bheith d'fhuireasbhaidh amhairc; a bheith dímheabhrach, aineolach nó ainfhiosach; a bheith cheal tuisgiona.

Cáid an daille air? / Níl sé indon tada a léigheamh anois le dailleacht. Sílim dheamhan spré ar bith aige / Ó a tháinig an dailleacht air, ní sheasfadh an saoghal leis / Sin fear agus is gearr uaidh dailleacht déarfainn th'éis cho grinn agus a bhí sé tamall / Is mór an nídh an daille. Níl éalann ar bith indon cinneamhaint uirre /[Tabhair aire do do shúile. Ní hé an uair a thiocfas dailleacht ort, atá agad a bheith dhá bhfuasaoid / Mara bhfuil daille ar a shúile, tá daille ar a intinn / Sháruigh an gasúr sin aige a bhfaca mé ariamh le dailleacht. Tá sé sé nó seacht de bhlianta anois ag dul 'un scoile, agus níl sé indon focal a léigheamh fós]/ Cá'r fhága tú an dailleacht! Ní fheicfidís sin poll i ndréimire. Duine ar bith a ghabhfas 'un bladair leo, agus a bhréagfas suas iad, beidh siad aige ar sheol na braiche. / Níl daille ar bith adeir siad is measa ná daille na h-intinne. Thiocfá ó 'chuile dhaille eile, ach níl aon-teacht uaidh sin / an bhfuil sí ag fáil pinsean na daille? = pinsean na ndall /

Dall [: dāʟ; daʟ fc. Dall ainm-fhocal] = aidiacht freagarthach do "dhall" ainm-fhocal = gan amharc; dímheabhrach; aineolach nó ainfhiosach; gan aon-spré amhairc a bheith agad faoi láthair de bharr rud eicínt a d'eireochadh de'n tsúil.

Tá sé dall / Má mhaireann dom, is gearr go mbeidh mé dall. Spré fhánach atá cheana fhéin agam / Is beag an rud a dhéanfadh duine dall. Níl áit ar bith sa duine is lugha acmhuinn ná an tsúil / Tá mé dall i leath-shúil liom. Ní fheicfinn an bhánshoillse léithe /[Nach dall an mhaise dhuit é. Cheal nach n-aithnigheann tú P. Sh. annseo? / Ní léar dom tada. Tá mé dall ag teacht amach ó'n solas. Dar príosta tá an oíche bun-dorcha ar aon-nós / Chuaidh fleasc beag faoi mo shúil agus chaith mé mí dall leis / Teirigh soir ag an mbanaltra seo thoir agus tálfaidh sí bainne cíche fhúithe agus feicfidh tú féin air annsin gur gearr a bhéas tú dall … Dionnóid bheag dheannaigh a chuaidh fúithe déarfainn, agus chuir tú 'un óthrais í dhá cuimilt]/ Ní fhaca mé aon duine ariamh ba daille (: deɫ'ə) ná é ag dul chuig an scoil. Chaith G. a dhúracht leis, agus thugadh sé dual na druinne dhó chuile ré solais, ach má thugadh féin, ba aon-mhaith amháin dó é / Tá na daoine sin suas anois cho dall (: dímheabhrach, aineolach) le amhus a chasfaí leat amuigh san áit a ndeachaidh sagart Sh. Th. Níl aon-tsamhail eile aca ach iad /[Tá sí cho dall agus nach léar di tada / Shílfeá nach mbeadh an mac cho dall sin, agus cho meabhrach agus a bhí an t-athair]/ Bhí mé cho dall air leis an bhfear nachar rugadh = ní rabh a fhios agam aon-cheo faoi ach an oiread leis an té nachar rugadh / Ní raibh aon-ghoir agamsa tada a rádh. Bhí mise dall críochnuighthe ar an scéal. Ní raibh a fhios agam ó Fhlaithis Dé cé faoi a raibh sé ag caint / Ba dall an mhaise dom é ina dheidh sin nachar thug mé faoi deara ariamh nach raibh sé ach ag séideadh fúm. Dheamhan é muis, nó gur tháinic falrach gáirí air /

Dall-intinneamhail: aidiacht as "dall" agus "intinn" = dí-mheabhrach, ain-eolach, ainfhiosach, do-thuiscionach, neamh-éirimeamhail.

Dá gcuirtheá slat ar pharáiste, ní chasfaí aon-duine leat atá cho dall-intinneamhail leis sin. Ó dheamhan meabhair ná éirim dhá bhfaca tú in aonduine ariamh ann /

Dalladh (: daʟə), Dallaim (: daʟəm ′) agus rl.: Briathar, Ainm-bhriathar
Dalladh = (i) an t-amharc a bhaint de dhuine. (ii) duine a chaidhleadh.
(iii) címéar, mearbhall nó dul-amú a chur ar dhuine. (iv) duine
a chur ar meisce. (v) [Mar ainm-bhriathar nó ainm-fhocal] neart, a lán.

Dhall (: ɣāʟ, ɣaʟ) an toirneach — nó an teintreach ab áil liom a rádh —
mé. Níor fhan spré agam nó go raibh mé aniar tamall fada /
Phléasc an buidéal, agus fuair sé a raibh ann idir an dá shúil agus
dhall sé é. Tá sé dall ó shoin. Deir siad nach léar dó an
bhánshoillse féin /[Níor mhór dhuit a bheith san áirdeall air sin.
Má phléascann sé ort, dallfaidh sé (dāʟhə: dāʟə, daʟhə) sé
na súile istigh in do cheann / Deir siad gur bhuail sí rud eicínt
idir an dá shúil air, agus gur dhall sí é. Bhí sé dall go bhfuair
sé bás / Tá mé dallta ag an deatach sin. Oscluighidh doras
na gaoithe agus b'fhéidir dhó a thabhairt leis]/ Níl súil ar bith ionn-
am ag an bprionda mion sin. Tá mé dallta ceart aige /[Is
mise a bhí dallta ar chaoi ar bith an oíche faoi dheireadh ar a
theacht amach uaibse. Níor léar dom mo láimh. Ar éigin na
gcor agus na gcnámh nachar cuireadh soir ar mo bhéal agus ar m'
fhiacla sa bpoll mór mé / Dhallfadh soillse na mótair
sin duine. Bíonn cuid aca an-ghriodánta. Ní fhágfaidís
amharc ar bith in do shúile]/ Bhí mé do mo dhalladh le clocha.
Diabhal a leithide de cheathannaí! = do mo chaidhleadh; iad
ag teacht orm an-tréan / Dalladh ceart é le dairteachaí
ar an bportach indiu / Bhí sé dhá dhalladh le báistigh
ach má bhí féin ba bheag an stró a bhí air. Bhí sé clúdaighthe
thar cionn /[Níor léar dhom cá gcuirfinn mo chois, bhí mé cho
dallta sin ag sneachta / Ní raibh a sheasamh agam ann ní b'fhuide.
Bhí mé de mo dhalladh le sáile ann. Ach dar fiadh bhí freagairt ann.
An-pholl iascaigh é dhá mbeadh acmhuinn ag duine
fuirgheacht ann]/ Nach bhfuil sé dallta ag gaineamh séidthe 'chuile
lá sa mbliain annsiúd / Tá an-stolladh ar na portaigh indiu.
Triomóchaidh sé siúd an tsean-chreatalach aice (: móin). Dall-
adh críochnuighthe mé le deannach spré mhóna ó mhaidin // Dalladh

ceart le cumadóireacht anocht é = cumadh go leor bréag dó; cuirfidh ar chuala sé de bhréaga anocht ciméar nó dul amú air / Chaith M. an oíche ag dalladh T. Mh. Mh. le bréaga: árd-cheanna críochnuighthe. Agus má chaith féin chreid sé iad / Bhíodh an dream sin soir dhá dhalladh ceart anuiridh, ag séideadh faoi, ach is cosamhail gur bhrath sé é féin. Ní thaobh -uigheann sé chor ar bith imbliana iad /[Tá sib dhá dhalladh dháiríre faoi'n gCogadh. Dhá bhfeictheá an sníomh a bhí air ar an gcathaoir, nuair a bhí sib ag rádh nach bhfanfadh aon-mhaith san airgead. Dheamhan a chos a chomhnóchas go dteighidh sé isteach sa mbeainc agus go dtarraingighidh sé hé brí cé mhéad cosamar airgid atá aige ann / Tuilleadh diabhail aige anois mara bhfuil sé dallta ceart ag na mná seo síos. Dheamhan thiomanta smid dhe nach gcreideann sé: go bhfuil siad ag iarraidh a sciobadh ó'n a chéile. Bheadh frae aca, muis!]/ Ní fhaca mise aon-duine ariamh a bhfuil slám air mar tá air. Ní beo é gan creidim a tharraint anuas. Dhall na misinéaraí ceart é. Bíodh a fhios agad gur fear é muis nach bhfuil staidéarach ceart anois / Dhallfadh na nathuighdeoirí sin fear is fhearr ciall ná é. Teigheann fainic air i gcomhnaí gan aon-áird a thabhairt orra, ach tá siad indon an clár mín a chur cho maith sin ar an mbréig, agus go gcreideann sé iad in a dheidh sin // Bhí sé dallta ar meisce = fágtar "ar meisce" ar lár go minic = bhí sé an-óltach = bhí sé ar meisce / Dheamhan cois faoi. Tá sé dall-ta (: dāʟtə: daʟtī. Achréidh) /[Céard a dhall mar siúd é. Leabharsa muis, ní mórán dá chaillteamas féin a bhí leis déarfainn / Tá an carthannas sin sa mbuachaill sin — car-thannas gan chaillteamas — fea'int a ndallfadh duine eicínt é]/ Cér dalladh mar siúd S. Sh.? 'Ar ndú arsa tusa is dallta i gcomhnaí atá sé / Tá go deimhin sé amuigh in a gnatha! M'anam má tá gurb é an gnatha é, dallta thiar sa teach ósta / Ara diabhal dalladh ná dalladh! Céard a dhallfadh muid, scáth buinín beag fuisce. Tá an córtus

a raibh cleachta agadsa air caithte in aer / Ní leigfeadh
sé uaidh mé nó go ndalladh sé mé marach gur imigh mé inganfhios dhó //
Tá dalladh airgid aige = go leor, neart = tá airgead go frasach
aige /[Tá dalladh beithidheach agus bráigill aige / Bheadh dalladh
talmhan' aige dhá leigtí an méid sin de bhiseach air, ach ní
mheasaim go leigfear / Tá dalladh codluighthe anois aige, maran leis
codladh mhná Dhoire an Fhéidh a dhéanamh. Gabh suas agus dúisigh é. /
Má theigheann sé ag troid, deirimse leat go bhfuighidh sé
dalladh dhi annsiúd / Rinne mé dalladh siubhail ó mhaidin ag
scaradh barr-móna — an barr uachtair. Dar mo choinsias
ní dhéanfaidh mé níos mó ar chaoi ar bith / Tiubharfaidh mise
dalladh bóthair duit a chailín (: capall), ach a bhfaghaidh mé
an carr nua / Tá dalladh déanta agadsa anois. Déanaidís
féin an chuid eile / Tá dalladh foghlumta agad anois. Nach
raibh tú sa "Sixth Book." Fan sa mbaile!]/ Bhí dalladh
feicthe agam an uair sin, ach ní bheadh aon-mhaith aige
ann go 'sbáineadh sé ar fad dom é // Muise dalladh gan
aon léas air, agus dalladh Oisín (daʟəw ešīnʼ) ina dhiaidh
sin! = Dhá n-abruigheadh duine go raibh duine eicínt eile
dallta (: le ól, as a amharc agus rl.), déarfadh an té a bheadh
ag éisteacht an leagan seo mara dtaithnigheadh an té
a bhí dallta leis: "Tá sé i gceist go mbadh "seanóir dall"
é Oisín ar a theacht ar ais as Tír na h-Óige dó /[Tá
J. F. dallta adeir tú liom. Muise dalladh gan aon-
léas air agus dalladh Oisín ina dhiaidh sin mara bhfuil a
dhóthain sa méid sin]/ Deir tú go bhfuil sé ionann agus dall.
Muise dalladh gan aon-léas air agus dalladh Oisín in a dhiaidh
sin, gan dochar ná diabháil dúinne. Ná raibh dall ach é sin //
Dalladh as ort! Cuirfidh mé geall go bhfuil luach an
ghamhain ólta agad. Muise má tá dalladh gan aon-
léas ort agus dalladh Oisín in a dhiaidh sin, mara deas an
chaoi orm é, luach mo ghamhain ólta ag stróirí / Muise
dalladh Oisín air mar mhadadh. M'anam go mbeadh muide
buidheach mara mbeadh dall ach an madadh sin! /

Dalladh mullóg: ainm-fhocal, fireann [teigheann an inscin le dalladh] = (i) galra mullóg; camh; scamall nó fionn a theagas ar shúile na gcaorach. Tugtar galra mullóg, dalladh mugóg agus camh air freisin. (ii) slám, ciméar, mearbhall, dallach dubh nó dul-amú a chur ar dhuine; mealladh a bhaint as duine, nó imeartas air.

Tá dalladh mullóg ar na caoirigh sin thíos. Is furasta aithinte ar a súile é. Bhí a fhios sin agaibh agus a bhfágáil cho fada sa stupóig siúd / Deir siad go gcuirfeadh droch-stolladh nó aimsir dhona an dalladh mullóg ar chaoirigh. Teagann scamall ar an tsúil, má bhíonn an iomarca gairbhthin ann /[Teagann dalladh mullóg ar na caoirigh as béal éadain ann. Ach is suarach an t-iongnadh sin. Tá sé an-fhliuch. Tá an catmara ar an gcimín dubhrabháin sin le dalladh mullóg, mara mbeidh sé an-tirm, agus sin caoi nach bhfuil an áit sin / Mara bhfuil uirre ach dalladh mullóg, tiocfaidh sí uaidh. Má chuir-eann tú ar athrú áite í, mise i mbannaí gur gearr a bhéas aon-cheo dhó sin uirre. Bhí na h-íochtair sin ro-fhliuch aice / Dheamhan thiomanta caora istigh ar do bhaile i mbliana nach bhfuil dalladh mullóg uirre, hé brí cé'n smál atá ar an mbliain seo thar bhliain ar bith eile. Ach is smál féin é chreidim. An iomarca droch-aim-sir atá dhá dhéanamh déarfainn]/ Cuirfidh sé dalladh mullóg orm nó is cinneamhaint air é, ach dar fiadh má chuireann ní bheidh aige ach malrait uair eicínt = mearbhall, ciméar /[Nach deas a chuir sé dalladh mullóg anois ar J! Is fhearr liom é ná punt airgid in mo phóca. Bhí an oiread gaisce agus floscaí aige, mar dhóigh dhe nach raibh duine ar bith indon imeartas air fhéin]/ Tá a shliocht orm. Ní bhuailfear an dalladh mullóg cho réidh sin ormsa aríst, agus ní bhuailfí orm an uair sin fhéin é, marach go mb'éigin dom a bheith isteach agus amach 'chuile phuinte ag faire ar bhó a bhí i dtinneas laoigh /[Chuir siad an dalladh mullóg críochnuighthe air, lá agus gur fhéad siad an ágóid sin a bhualadh thall air. Ara tá aois chapall na muintire aice siúd, agus má bhí scór punt spré aice ba é a cloch neart é. Dheamhan sciúrtóg thairis a bhí aice ar chuma ar bith]/

Dalladh púicín = ainm-fhocal, fireann = an t-éadach a cuirtear ar cheann nó ar shúile duine nuair a bhítear ag déanamh púicín, ach níl mórán de'n chiall seo sa gcaint anois. Is ionann dalladh púicín agus dalladh mullóg, dallach dubh, ciméar, slám, mearbhall agus eile.

Tá tú ag cur dalladh púicín air = éadach an phúicín / Cuirfidh sí sin dalladh púicín ar na súile dhó = ciméar, artha an dul amú / Ní raibh aonduine ar an bhfeadhain aca sin nachar chuir dalladh púicín ar fhear eicínt. Fuair siad an scoth freisin. Bhí buadhann-aidheacht eicínt aca, agus níorbh í an bhreaghcha í /[Cé'n sórt dalladh púicín atá ort? Nach bhfeiceann tú go bhfuil siad ag déanamh dóigh mhagaidh dhíot. Breagh a dtaobhuigh-eann tú iad / Bhí dalladh púicín eicínt air nuair a cheannuigh sé an bhudóig sin. Níl aon-fhear faoi'n mbogha bán a thiubh-arfadh deich bpunt uirre ach é féin]/ Muise chreidim gur dhalladh púicín féin atá air, nó céard is léar dó fúithe le go bhfuil sé ag dul dhá pósadh? Má's léar, tá faitíos orm nach léar d'aonduine eile é, ar chaoi ar bith / Chuirfeá dalladh púicín ormsa anois, dá leiginn duit ach ní leigfidh. Fagh duine eicínt le dhul ag magadh faoi tharmsa /

Dallacar (: Dalladh cur?), Dallcairt: ainm-bhriathar = ag séideadh nó ag siabadh báistighe nó sneachta go tréan; ag roilleadh; ag cur go tréan.

Tá sé ag dallacar bháistighe mar a bheadh Dia dhá rádh leis / Tá sé ar an dallacar céadna ó a d'éirigh muid indiu. Is síorraidhe an lá báis-tighe é. Diabhal bréag nach síorraidhe / Meastú an ngabhfainn amach faoi'n dallcairt sin. Is beag an baoghal orm, dhá bpréachtaí ar an teallach sib cheal teine. Ní theastóchadh uaim nach a dhul do mo chaill-eadh féin ar phortach a leithide de lá /[Dhúisigh mé aréir tuairim 's an trí a chlog, agus bhreathnuigh mé amach thríd an bhfuinneoig. Bhí sé ag dallcairt an uair sin, agus níl a fhios agam cá'id ina dhiaidh. Dar leat féin, níl mórán dhá chosamhlacht ar an talamh indiu]/ Níor shéid aon-oíche as aer ba mheasa ná í. Bhíodh sé ag dallacar chlocha sneachta 'chuile phuinte, agus gaoth ann a bhearrfadh tú. Ní bhfuair mé mo dhóthain le déanamh ariamh ach a theacht abhaile an oiche sin /

Dalta (: dāʟtə: daʟtə) = ainm-fhocal.

Dalta [Níl sé ach in aon-leagan amháin] = fearacht; samhail.

[Is beag nach bhfuil an leagan seo seirgthe sa gcaint. Tá sé ag corr-shean duine fós, ach is dona atá sé ag cuid mhaith aca. "Fearacht" nó "a fhearacht" atá in a áit. Is cosamhail go mbadh comh-fhocail i gcomhnaí iad]

Ní hé a dhálta sin agamsa é muis = ní hé a fhearacht sin agamsa é = ní mar sin atá mise; Ní shin é is cor domsa / Tá do cuid fataí lánuighthe agadsa, ach ní hé a dhálta sin agamsa é = [Chuala mé m'athair dhá rádh seo agus chuir mé caidéis air faoi, agus dubhairt sé go raibh sé tréan sa gcaint roimhe seo /[Má tá dalladh feamainne duibh' agaibhse, ní hé a dhálta sin againne ann-seo é. Ní leasóchadh a bhfuil d'fheamainn dubh againn dhá phíosa fataí agus bíodh muid taobh léithe. Caitheann muid lucht a cheannacht 'chuile bhliain, ach ó fuair muid an churrach, tá na muláin agus na brantraídheachaí dhá fháil (: baintear iad)]/ Tá T. go lághach, ach ní hé a dhálta sin ag J. é. Níl comharsanacht ar bith ann. Caitheann sé a shaoghal ag forcabhás ar bhearraidheachaí a bhaint dhe dhaoine eile / Tá an bainne spreagamhail, ach ní hé a dhálta sin ag an tae é. Tá scudalach tae i siopaí annsin soir, agus tá duine ar bith dhá bhfuil dhá ól leath-tholgtha. Ní hé an cúigeadh scoth fhéin é /[Tá an mac sáthach síodamhail, ach níorbh é a dhálta sin ag an athair é an fhad agus a mhair sé, go ndéanaidh Dia trócaire air, mar sin féin. Ba mhór leis rud ar bith d'aon-duine. Mara bhfeiceadh sé ach an míol buidhe ar do chuid talmhana d'fhéachfadh sé len a dhíbirt, faitíos go n-eireochadh leat é a mharbhú. Sin é an sórt duine a bhí ann / A dhalta sin, chonnaic mise fear annseo — D. a bhí annsin thoir — agus ní bheadh scéal instighthe (: iɴ'št'ī : innsighthe) aige oiche áirneáin. Thoiseochadh sé ar scéal, agus ba ghearr go mbadh scéal eili é, agus ní chuimneochadh sé ar an scéal toisigh chor ar bith annsin = [ó Sheán Ó Bheáin, Cearnmór, Baile an Chláir: bhí mé ag cur caoi dhó ar fhear a bheadh ag dul anonn agus anall le scéal agus dubhairt sé é sin; mar dhóigh dhe go raibh aithne aige fhéin ar fhear a bhí ar an gcóir chéadna] / A dhalta sin anois (: rud mar atá ráidhte agad) chonnaic mise bó agam féin annseo uair … /

Dán (: dān) = ainm-fhocal, fireann; geineamhnach uathaidh agus ainmneach iolraidh: dáin: dánta

Dán: (i) Duan, amhrán, filidheacht (ii) braighdeán nó ceangal bó. (iii) torthaí, barra, scoth nó séar-mhullaigh? (iv) cinneamhaint; an rud atá le h-aghaidh duine

Tá dán mór fada aige = píosa fada filidheachta; laoithe fiannaidh-eachta [Níl an chiall seo de'n fhocal mórán sa gcaint ach go bhfuil sé ag teacht ar ais arís ó aos foghluime agus as scoileannaí] / Ar chuala tú ariamh "Dán Mhac Dé" = dán diadha / Tá dánta agus amhráin agus scéalta aige / Níl scéal na dán agam / Sin í an chaint atá ag luighe le

dán = dhá mbeadh amhrán nó píosa filidheachta ann agus truailliú i gcuid de'n chaint, gan an rannaidheacht a bheith ag luighe le chéile, agus dhá dtugtaí leagan eile air i riocht agus go mbeadh an rannaidheacht nó an chiall cheart ann, déarfaí an rud sin; nó má chuirtear focla isteach in amhrán, i scéal nó eile a theagas salach ar bhithin an scéil, nó má thugtar údar contráilte faoi scéal nó amhrán nó sean-fhocal nó a leithide sa gcaoi nach mbeidh an chaint ná an chiall ag luighe ceart le chéile, "ní bhíonn sin ag luighe le dán" ach oiread / "'Chuile shórt ag iarraidh a chórach féin agus an gadaidhe ag tuilleadh a chrochadh" Sin é atá ag luighe le dán agus ní hé an rud eile ("'chuile shórt ag iarraidh a chórach féin agus an gadaidhe ag iarraidh a chrochadh": ní raibh an cainteoir — bean as Muighinis — sásta leis an leagan sin). Cé'n uair a chuala tú go raibh gadaidhe ar bith ag iarraidh a chrochadh. Dhá mbeadh, ní ghabhfadh sé ag gadaidheacht /[Abair an cheathramhadh sin arís 'sa gcaoi a bhfuil sí agadsa … Sin é atá ag luighe le dán. Tá ceathramha lia agamsa ann / Níl cuid de'n amhrán sin ceart agad. Níl an chaint ag luighe le dán — ag luighe le chéile ar chuma eicínt. D'aithneochainnse ar an bpuinte nuair a bheadh amhrán ag luighe le chéile / Tá mé ag dul amú ar an aithrighe sin. Níl sí ag luighe le dán chor ar bith anois dom. Is fadó an lá ó adubhairt mé í go deireannach]/ Is furasta aithinte ar an gceathramhadh sin nach bhfuil sí ag luighe le dán. Níl an dárna cuid ag teacht leis an gcéad chuid. Tá an t-amhrán sin ag P. Ch. annsin thiar. Is minic a chuala mé a mháthair go ndéanaidh Dia

maith uirre, dhá rádh. Fagh uaidh siúd é. Tá sé ceart aige /[Ní mheasaim go bhfuil an chaint sin ag teacht le dán chor ar bith. Nachar dhubhairt tú cheana gur báthadh é. Má báthadh cé'n chaoi a bhféadfadh sé a dhul isteach i dteach an scolóig … ó tuigim anois thú. An darna mac a báitheadh. Huga leat]/ Siúd é a mbeidh a chuid cainte ag teacht le dán. Nach hé atá indon an craiceann a chur ar scéal! / Gan doubt. 'Sé an rud atá tusa a rádh atá ag luighe le dán agus ní hé an rud adubhairt seisean // An rópa a chuireas muintir Árann ar adharc -a an mbó nuair a bhíos siad dhá cur sa mbád ar Cheann Gainimh, sin é an dán / Teastóchaidh dáin uaib imbáireach má's libh a dhul 'nan aonaigh go Gaillimh / Ní fhéadfaidh sib a gcur sa mbád d'fhuireasbhaidh dáin, pébí cá bhfuighidh sib iad / Fágaigidh dán le h-aghaidh an tslóchtaí sin (: fc. slóchtaí), agus bíodh sé sáthach láidir. Ní spalladh brúin (: bróin?) ar bith uirre siúd an ruadhóig -ín siúd a bhriseadh /[Chuir muid dán uirre agus ba deacair sin. Bhí sí an-dodach le dhul ina h-aice chor ar bith. Tá féirín anois ag an slóchtaí, agus níl mise ina dhiaidh air: ba danra é le margadh a dhéanamh leis]/ Cuirfidh sí dán ar fhear eicínt gan mórán achair = cuirfidh an bhean sin "buairín" ar fhear eicínt gan mórán achair; fastóchaidh sí fear eicínt; cuirfidh sí cluain nó dalladh mullóg ar fhear eicínt agus pósfaidh sé í / Agus chuir sí dán ar an slóchtaí (: mheall sí fear Chonamara) len a pósadh. Sin í an cailín a bhí i riocht /[Cuireadh sí dán ar a rogha duine anois, ach ní ormsa é ar chaoi ar bith. Go deimhin ní theastóchadh uaim ach sin, áird a thabhairt ar an mbideach sin]/ Dá gcuir-eadh sí bun a bundúin amach anois cinnfidh uirre dán a chur ar fhear ar bith. 'Sí an phrae í go deimhin, ag imeacht in a cailín Domhnaigh. /[Tiocfaidh fear eicínt fós a chailín ó, agus fáiscfidh sé dán ort, agus eireochaidh tú as an gceird sin an uair sin, mar beidh do dhóthain ar t'aire dhá fhuireasbhaidh]/ Ní leigfidh mise de bhean ar bith dán a chur orm, ach mo spealóg a bhaint as 'chuile chúilín cho uain's sheasfas an óige dom. Deir siad nach dteagann an óige faoi dhó choidhchin. Tá sé sáthach luath ag duine pósadh ach a mbailighidh sé na deich mbliana fichead /[Is diabhlaí a chruthuigh sí faoi dheireadh thiar agus dán a chur ar fhear eicínt. Ach an bhfuil fhios cé hé féin? Is mioniar Dé dhó muis, agus é a bheith ceangailte

leis an tsuaróigín siúd. Is fada dhó a shaoghal. Níl againn a rádh ach go ndéanaidh Dia grásta air, mar is gearr go ndéarfar leis é ar aon nós]/ 'Séard a bhí le déanamh leis sin dán a chur air, agus a thabhairt síos sa gcaladh agus an chéad bhád a bheadh ag dul ar an talamh ó thuaidh é a chur isteach innte. Ro-mhaith a bheadh sé aige agus an bhail atá sé a chur ar na daoine // Dheamhan a raibh ar dhánta na talmhana ariamh cruithneacht ní b'fhearr ná a bhí ag A. annsin thiar i bP. R. anuiridh … Deirim leat nach raibh a leithide de chruithneacht ar an Achréidh ariamh = Ní feasach dom céard é dánta féin, ach meas-aim gur toradh nó barr nó fás é. Faoi chúrsaí na talmhana a baintear leas as i gcomhnaí: tá sé i gceist sa rádh cainte seo go mbadh í cruithneacht A. i bP. R. an sméar-mhullaigh; nachar fhás sí thrídh thalamh ariamh aon-chruithneacht a thiubharfadh an barr uaithe /[Dhá gcuirtheá leasú ar an ngarrdha dubhrabháin sin thíos le cladach agad, ní raibh sé ar dhánta na talmhana ariamh aon-"swedes" mar bheadh ann. Ach is beag an mhaith an "dearg" (: feamainn dearg.) B'fhearr duit daithín feamainn dubh ná ar thug tonn ar thráigh de'n "dearg"]/ Ní raibh sé ariamh ar dhánta na talmhana aon-chur is fhearr a d'íocfadh duine ná an "bheet" sin, ach cé'n mhaith sin nuair nach bhfuil aon-talamh ag na daoine len a cur. Tá bláthannaí agus beatha muc agus beithidheach uirre; ní ídigheann sí an talamh mar a ghníos an chruithneacht, agus dar príosta tá sí ag dul airgead mór. Tiocfaidh an "lorry" isteach ag an gclaidhe agad len a h-árdú uait. 'Sé an scéal é, tá an tír seo buailte ar 'chuile chaoi ina dheidh sin / Níl aon-mhaith dhuit ag caint. Feiceann tú féin nach bhfuil bualadh an ghráinne eorna ar dhánta na talmhana. Cá'il sé. An bhfeiceann tú an spleodar a chuir sé (: poitín) sa seanduine sin thiar: nuair a bhí aige a bheith ag cur brat na scaball (: taiséadaigh) faoi réir dhó féin, gur bhuail sé amach ag iarraidh mná. Céard eile atá indon é sin a dhéanamh fiafruighim díot]/ An rud atá indán do dhuine caithfidh sé a dhul thríd = [leath-fhocal] an rud atá le h-aghaidh duine; an rud atá i gcinneamhaint duine; an rud atá ceaptha amach do dhuine roimh-ré /

"Leagaim láimh ort nó ná leagaim: má's tú atá indán dom, is tú a bhéas agam" = go bpósfaidh duine an bhean atá ag an gcinneamhaint len aghaidh, bíodh eolas aige uirre nó ná bíodh; bíodh sí i bhfad ó bhaile agus rl. / Dhá mbeadh sí ag dul faoi agus thairis 'chuile mhionnóid, ba é an cás céadna dhó é nuair nach raibh sí indán dó. Ar chuala tú ariamh é: "leagaim láimh ort nó ná leagaim, má's tú atá indán dom is tú a bhéas agam"? /[Pósfaidh tú an duine nach bhfaca tú ariamh. Beidh tú ar siubhal go bhfaghaidh tú an té atá indán duit, agus níl a dhul thairis sin agad "leagaim láimh ort nó ná leagaim, má's tú atá indán dom is tú a bhéas agam." Sin é an chaoi a bhfuil sé. Tá cinneamhaint eicínt ag 'chuile duine, agus níl aon-ghoir againn í sin a sheachaint]/ Sin é an bás a bhí indán ag Dia dhó. Ní raibh a theacht uaidh aige / Níl a fhios ag duine cá'il fód a bháis ach léar (: de réir) mar tá sé indán ag Dia dhó, agus léar mar chuirfeas Dia fios air / Is iomdha rud atá indán do'n duine ó lá a bheirthe go dtí lá a bháis = is iomdha tonnáiste atá in áirid dó ag an saoghal / Chreidim go raibh sé indán dó a bheith mar sin. Marach go raibh ní fhéadfadh an saoghal an oiread tonnáiste a thabhairt do dhuine ar bith agus a thug sé dhó. Ach níl aige ná ag aonduine eile, ach géilleamhaint dhá chrois /[Tá rudaí mar sin indán do dhuine. Ní mar is toil linne ach mar is toil le Dia, agus aithnigheann Dia A dhuine Fhéin / Mara bhfuil sé indán dó críochnuighthe a bheith ina bhráthair, níl a fhios agam céard a déarfainn leis. Tá sé ro-aerach ar fad / Ní raibh indán an farc a bhaint aisti go deo go dteagadh an fear seo len a bhaint aisti, agus nach maith a tháinic in a dheidh]/ Níl indán an rud sin a dhéanamh go n-imighidh an ball dubh de'n fheadóig = go deo / Níl indán do'n eaglais an tsaint a chailleadh coidhchin. D'fhága Críost an tsaint aice.
Chuala tú féin é /[Níl indán duit a dhul go Flaithis adeir sé go dteagaidh craobhóigín ghlas ar an bpíosa mhaide sin atá san abhainn / Níl indán mise a mharbhú, adeir an fathach, go mbuailtear ar an mball dóráin atá ar mo chích dheis mé le ubh d'uibheachaí na lachan sin]/ Ní raibh indán é a chailleadh in a dheidh sin, go dteigheadh sé annsin / Ní raibh indán é a chur amach as an teach nó go dteagadh

an mac ba shine as Meiriocá / Níl indán Sasana a bhualadh a mhic ó.
Tá buadh eicínt aice ó Dhia — nó ó'n Diabhal! / Ní raibh indán é
a mharbhú nó go ndéantaí an rud sin leis /[Níl indán réidhteach
do'n teach sin mara dteagaidh an mac atá imighthe abhaile. Sin é an
buachaill a leagfadh ar chuid ar a chéile aca / Má's crois é a bhí indán
duit ag Dia chaithfeá glacadh leis / Níl indán eirghe dó = ní eireochaidh
sé; gheobhaidh sé bás as an tinneas atá air / Dhá mbeadh indán
eirghe dhó, d'eireochadh sé (: banbh). Ní raibh sé ag dul dom sin é é /
Bhí muid leis scathamh anuiridh agus bhuail an slaghdán an bheirt againn.
Chuaidh muid leis aríst i mbliana agus ná raibh ann mara dtáinic an
sneachta. Níl indán déanta dhó (: claidhe) chreidim / Níl indán báis dhó agus
a liachtaí uair agus a chuaidh an ola air / Níl indán glanta dhóib. Sé a chosamhlacht
é ar chuma ar bith, agus deir siad go mbíonn an chosamhlacht ann. 'Chuile lá beo
a dteighim amach le soipín a bhaint asta (: fataí i gcall a nglanta), teag
-ann rud eicínt a chuireas as mo bhuille mé / Níl indán socrú
dóib. Ní fheicfidh tú aon-deireadh ar an gcogadh sin go deo]/
'GCuiridh Dia dílis an t-ádh ort, agus éist leis. Níl tú ach do do chuir fhéin
thar bharr do chéile le dhul ag comhairle airsin. Níl indán comh-
airle dhó; ach oibrigheadh sé leis. Comhairleochaidh an saoghal ar
ball é / Dá mbeadh indán maitheasa di, bheadh sí ina suidhe
feasta = ní dhéanfaidh sí aon-mhaith; gheobhaidh sí bás / 'Sé a
chosamhlacht nach bhfuil indán maitheasa dó. Tá sé le bliain
mhór fhada annsiúd anois ar chúl a chinn, agus gan biseach ar bith
ag teacht air / Níl aon-dán maitheasa di tá faitíos orm.
Duine ar bith a dteangmhóchaidh an eitinn sin leis, ní féidir
í a chur as a chrioslaigh / Má tá aon-dán maitheasa duit,
siúd é an áit agad. Mara dteagaidh tú suas ar chomhairle
na ndochtúirí, cé'n mhaith dhuit a dhul aca chor ar bith? / Níl
aon-dán briseadh do'n leic seo. Chuaidh dhá gheábh "dynamite"
innte agus má chuaidh féin, níor bhain siad aiste ach cupla
fleasc /[Níl aon-dán teacht dó sin choidhchin. Fanóchaidh sé sin
i Sasana / Níl indán triomú ar mhóin i mbliana. 'Bhfeiceann
tú an aimsir atá ag teacht? Dheamhan dhá uair gréine a bhí
ann i mbéal a chéile an samhradh seo fós]/ Níl indán

athrú dóib sin choidhchin ná go deo nó go mbaintear na dabaí a chaith an "Government" eile (chuca) aca dóib (: díob); sin nó go dtugaidh an "Government" seo dabaí níos fhearr dóib / Níl indán féir duit i mbliana, a mhic ó. Tá an talamh spalptha uiliog / Níl indán cladaigh dhom indiu. Caithfidh mé glaicín shíolta atá agam a fhadú / Chreidim nach bhfuil indán saidhbhris duinn /[Níl indán pósta dhó. Nach bhfeiceann tú 'chuile bhean dhá eiteach / Níl indán airgid duit. Bhí cluiche glaice agad annsin agus leig tú uait é go fánach / Níl aon-dán feamainne dhom na laethantaí seo. 'Tá sí sciobtha orm chuile mhaidin, dhá mhoiche dhá dteighim síos / Níl indán suaimnis duinn. Mara rud é, is rud eicínt eile é. Shíl mé nuair a d'imigh sí sin uainn go mbeadh linn, ach ó dhonacht maol is measa mullóg.]/ Sílim féin gur bunscéal é indán sin (: ɛ̄ ɴān) sin. Níl indán ar bith ann, ach go gcaithfidh daoine a bheith ag caint / 'Sé an chaoi a bhfuil an scéal sin má eirigheann rud duit le do chiontsiocair nó le do chionfaillighe féin, ní raibh ann ach go raibh sé indán duit. Sin caint ar sreath, adéarfainnse. Chonnaic mé laogh le T. Mh. annseo thuas dhá chailleadh le buinneach anuiridh. Ó'n lá ar bhuail sí é, go dtí an lá ar thug sí léithe é, dheamhan thiomanta purgóid ná buidéal a thug an fear sin do'n laogh sin, ná go fiú's a chur ar mhalrait féir ní dhéanfadh sé. Bhí mé féin agus é féin annsin thuas chois an chlaidhe ag breathnú air ag fáil bháis. "Ní raibh aon-dán eirghe dhó" adeir sé. "'Séard a bhí le déanamh leat" adeirimse "chúig bhliana príosúin a dhul ort" / Cloisfidh tú duine ag rádh go bhfuil "indán" ann. Deamhan "indán" ná "indán." Nachar chuala tú ariamh é: "sháruigh an fhoighid ar an dubh-chinneamh-aint" / "An té nach bhfuil fhios aige le snámh níl indán dó ach é a bháthadh" [: sean-fhocal] (: "Námhaid í an cheird gan í a fhoghluim"): an té a rachas ag plé le rud chor ar bith, ba cheart dó fios a bheith aige len a dhéanamh, mar níl sé ach ag cur as dó féin mar a mbeidh fhios / Má tá indán agus go gcuirfidh sé aon-araoid ort, buail isteach ar an smut é = má thárluigheann sé go gcuirfidh agus rl; má's rud é go

gcuirfidh agus rl.; má chuireann sé aon-araoid ort agus rl. [Tá
an leagan sin an-choitianta i gcaint] / Má tá indán agus
go dtiocfaidh sé timpeall sa saoghal go deo, go gcaithfidh
sé a theacht in mo líon-sa, tiubharfaidh mise an freagra
céadna air agus a thug seisean ar an mbean bhocht sin, mar
ní thuilleann sé a mhalrait /[Má tá indán agus go bhfeicfidh mise
thú ag caint le ceachtar aca sin, tiubharfaidh mé dual na
druinne dhuit / Má bhí indán agus go raibh sé le pósadh, breagh
nachar phós sé, agus gan a dhul ag tarraint slí chainte air féin
agus gan a fhios sa diabhal cé'n fáth / Má bhí indán agus go raibh an
scéal sin amhlaidh, is iongantas é, nachar chuala muid smid ariamh
faoi. Ach sílimse nach bhfuil ann ach pait a chum duine eicínt. Is
beag an stró ar na buachaillí báire siúd i mbéal an dorais aige
a chumadh / Má tá indán agus go bhfuil briste dhi aríst (: tiúb rothair)
chaith amach san aoileach í. Sin é eile a bhfuil de mhaith léithe. Shíl
mé agus a ndeachaidh de chaoi aréir uirre nach dtiubharfadh sé
uaithe go cheann píosa / Má tá indán agus gur chuir sé bréag de'n
tsórt sin ar ghearrchaile gnaoidheamhail ar bith, ní raibh mion-
mulóg dhe a fhágáil indiaidh a chéile. Ro-mhaith a bheadh sé
aige ná ag duine ar bith eile a chaithfeadh a leithide de
chaint / Má tá indán agus go dtiocfaidh na fathachaí móra seo thiar
ag cocaireacht leis an ngarrdha sin, ní bheidh cúinne an ghirrfhiadha
féin ann trathnóna = má theigheann siad isteach ann ag obair (: dhá
chur faoi fhataí), cuirfidh siad ar fad é in aon-lá amháin / Dhá
mbeadh indán agus go bhfuigheadh an t-athair aon-bhaladh óil air, ní fhágfadh
sé an t-úimead (: nóiméad) féin faoi chaolachaí an tighe é /
Mara bhfuil indán agus go bhfeicfidh mé thú as seo go ceann seachtaine,
teirigh ann agus abair an rud sin leo, agus cuir scéal agamsa cé'n toradh
a fuair tú / Mara bhfuil indán agus go gcoinneochaidh sé a chuid beithidheach
de mo chuid talmhana-sa, th'éis a bhfuagairt, gabhfaidh
mé isteach de mo shiubhal ionnsaidhe ag turnae, agus cuirfidh mé leota
de "nútice" (: notice) amach aige, agus mara stopaidh sin é, searbhálfaidh
mé é]/ Mara bhfuil i ndán agus go mbeadh rud ar bith air. Is mór an
t-iongnadh liom nach dtáinic sé abhaile. B'annamh leis sin fanacht oíche
ó bhaile muis /

Dána (= dānə) = aidiacht; sonnda, ámhailleach, do-chomhairleach, intinn-eamhail, tugtharach do do bhealach féin a bheith agad; sceirdeamhail, garbh, faoi alltracha agus muláin, gan a bheith ineolta.

Is dána an gasúr thú. Shílfeá go bhféadfá an rud adéarfaí leat a dhéanamh. Beidh a shliocht ort: má bhíonn cead do chomhairle féin agad, is de bhuidheachas duinne é /[Ní fhaca mé a leithide de pháiste ariamh tá sé cho dána sin. Nuair adubhradh leis gan a dhul amach ar an tsráid, sin é an uair a chuaidh sé amach. Thug mé isteach é agus fuair sé gleáradh, ach ba bheag an mhaith sin. Chuaidh sé amach aríst]/ Deir tú leis an ainnle bhradach sin a thosuigh ag aithléigheamh orm. Anois an bhfuil biseach agad? Nuair a chuaidh mé dhá bhualadh, 'sé'n chaoi ar neartuigh sé ar a mhaidí. Sin é an malrach atá dána. Dubh-airt mise go bhfágfainn é go dteagthá-sa agus 'cead agad do rogha rud a dhéanamh leis. Ná ceil an tslat air, anois. Ro-fhada a chosain mise é /[Tá an spailpín sin ugainne cho dána le muic. Ní dhéanfaidh sé ach an rud a thogróchas sé féin / Tá sé an-dána an-dúrainneach má chuirtear araoid ar bith air. An uair a fhéachas tú le foighid a chur ann, ní bheidh tú ach ag borradh leis / "Is dána muic ná gabhar ach sháruigh bean an diabhal": leath-fhocal faoi dhánacht: nuair a bhíos bean ag iarraidh a comhairle féin a fháil, ní féidir a bhaint di / Sháruigh tú an mhuic, tá tú cho dána sin]/ Is beag an mhaith de'n tsagart aon-cheo a rádh leis siúd ó a chaithfeas sé rud in a cheann. Tá sé cho dána leis an diabhal féin / Bhac an póilí é faoin a dhul ann, ach thug sé siúd a dhubhshlán agus chuaidh sé ann. Tá sé dubh-dhána mar sin th'éis nach bhfuil aon-duine faoi thalamh an domhain is lághaighe ná is oibliogáidighe ná é, má tá sé leat / Bhí na tighearnaí móra sáthach dána sa tír seo seal, ach b'éigin dóibh a seolta a stríocadh /[Shílfeá go bhfuil an saoghal ag eirghe amach an-dána in aghaidh an chreidimh / Is diabhlaí dána atá na Sasanaigh sa tír fós. Tá mé ag ceapadh go bhfuil cuasnógaí aca i mBaile Átha Cliath agus in áiteachaí mar sin. Dream aca a rinne é sin]/ "Tá rud dána drochmhúinte déanta agamsa agus fios a chur ort" adeirim

féin, "ach inDomhnach a athair bhí sé ar a chailleadh nó facthas domsa go raibh" = Rud sonnda sotalach / Ba é a labhair go dána drochmhúinte freisin. Dubhairt sé mara dteigheadh T. amach dhá dheoin féin, go gcuirfeadh seisean ag imeacht é agus deifir air! /[Gabh amach anois, agus labhair go dána droch-mhúinte léithe agus abair má mhilleann a cuid beithidh-each aon-cheo ort níos mó, go n-íocfaidh sí é / Labhair an mháthair go dána drochmhúinte leo, agus chuir sí aithne orra fanacht as ach mo léan géar, dheamhan lá áird aca sin ar a máthair. Dhá n-abruigheadh an t-athair focal amháin, b'fhearr é ná dhá gcaitheadh an mháthair a teanga leo]/ Tá sé sin dána drochmhúinte. Ruittialach bradach má chuireann duine ar bith aon-araoid air / Mara bhfuil tú mór ná láidir ná bí dána ná drochmhúinte = sean-chomhairle / Cé'n fáth dhuitse a bheith ag cur do chosa uait? Ara chuala tú ariamh é, mara bhfuil tú mór ná láidir ná bí dána ná droch-mhúinte / Nach furasta leat fear a bhualadh! An raibh tú ag ceap-adh go gcuirfinnse mí-aighneas ar Sh. Sé'n chaoi a bhfuil sé agam-sa: an té nach bhfuil mór ná láidir ná bíodh sé dána ná droch-mhúinte /[Bhí an t-ádh ar an tír se'againn féin nach raibh sí sa gcogadh chor ar bith. Congnamh Thaidhg an tSléibhe do Mhuirbheach gan buille leis ná in a aghaidh, arsa tusa. Agus b'amhlaidh ab fhearr é. Mara bhfuil tú mór ná láidir ná bí dána ná droch-mhúinte / "High for Blakes and Dalys" agus pléidhidís féin le chéile anois é. Meastú an bhfuil baoghal ormsa a dhul isteach ag déanamh eadarascáin annsin? Diabhal baoghal muis. An té nach bhfuil mór ná láidir, ná bíodh sé dána ná droch-mhúinte]/ Cladach an-dána atá siar annsin = garbh, dásachtach, sceirdeamhail / Buaileadh an luing ar chladach dána sean-fhairr-ge, agus chaith sí annsin go ceann fada sul ar féadadh a tabhairt as / Bád ar bith a thiubharfadh rith cladaigh di féin ar na brantraí (branraí) dána sin, ní fhágfaí clár ar a corp / Deir siad go bhfuil álltrachaí an-dána in Árainn. Le téad a scaoiltear síos daoine ar éadan na h-aille. Teigheann siad ann ag coilleadh neádrachaí / Níl cladaigh dána ar bith amach annsin ar ghualainn na h-áite seo. Tá lom trágha ann: trághannaí móra míne fad t'amhairc uait, agus bréidíní

fairrge ag briseadh orra. Is mór an áilleacht iad sa samhradh / Ní bhíonn an fheamuinn sin ach ar chladaigh dána na sean-fhairrge. Ní fhásfadh sí ar na glas-chuanta seo chor ar bith. Níl an t-oibriú sáthach mór sa bhfairrge // "Nuair is teann do'n phortán seadh is dán do'n ghearrán" = séard adeirtear go h-iondamhail leis seo: "nuair is teann do'n phortán 'seadh is fann do'n ghearrán, ach bíonn "dán" ag daoine ann, agus 'sé a bhíos in áiteacha (: cuid de Chois-Fhairrge). Ní thuigim "dán" sa gcás seo fc. "fánn", "gearrán" //

Dánacht, Dánaidheacht: ainm-fhocla, buineann ["Dánacht" is mó adeirtear measaim, ach tá "dánaidheacht" ann freisin] = a bheith dána, sonnda, ámhailleach, do-chomhairleach, do-smachtaighthe agus rl.

Tá sé de dhánacht sna bruacháin sin rud ar bith a dhéanamh. 'Bfhaca tú céard a rinne siad annseo thuas? /[Ní bheadh sé de dhánacht ann é sin a dhéanamh, ach, i nDomhnach chreidim go mbeadh ina dheidh sin / Má bhí sé de dhánacht ann an méid sin a rádh leis an bpóilí, d'imigh an diabhal air. Cé'n bhrigh ach carachán mar é! / Sháruigh sé an diabhal le dánacht]/ Gheobhaidh tú luach do chuid dánacht' as a dheireadh. Má speidhearann sé siúd agad lá eicínt agus speidhearfaidh, ní fhágfaidh sé deoir ionnad / Thug an máistir dual na druinne dhóib go minic mar gheall ar a ndánacht ach ba bheag an mhaith sin in a dheidh sin. Dhá marbhuightheá iad, bheidís ar an gcéird chéadna lár na bháireach / Rinneamar 'chuile mhíle nídh leis an dánacht a bhaint amach as a chraiceann, ach ba bheag an mhaith sin. Tá sí ann go smior / ["Ní fhéadfainn a dhéanamh de dhánaidheacht air" = familiarity. Níl an chiall sin le "dánacht" i nGaillimh cho fada agus is eolas dom. "Teanntás" adeirtear]

Dántaireacht: ainm-fhocal buineann = gabhail fhuinn i gcuideacht go h-áirid i séipéil, i dteampaill, agus in a leithidí eile.

"Ag éisteacht le dántaireacht ministéaraí gallda" [as "Malaí Ní Mhaoileoin"] / Sin é an uair a mbíodh an dántaireacht sa teampall seo thoir. Chloisfeá go réidh socair ag C. na gC. iad 'chuile uair dhá mbíodh "prayers" aca ann / An raibh siad ag dántaireacht ag an Aifreann indiu? Má tá féin níl aon-ghoir aca ar an dream atá sa teach pobail thiar. Tá an-ghuth ag an dream thiar /

deá = réimmír le ainm-fhocla, aidiacht agus scaití le aidiacht-bhriathra = codarsna droch; go maith, go tofa, go cóiriúil, go feiliúnach, fóinteach, freagrach [Tá sé coitianta i gcaint. Níl annseo síos ach somplaí anonn agus anall dhe].

deáchaint: (i) caint nó comhairle mhaith thairbheach. (ii) an chiall is mó atá san gcaint leis anois: nathaíocht, flithmhagadh, a bheith indon sáiteán ar an sáiteán agus gob ar an ngob a thabhairt i gcúrsaí grinn; greann cainte.

Ní raibh scéal na amhrán ag P. Mh. ach chabálfadh sé thú le deáchaint. Bhí sí sin aige agus neart di. "Má thugtar leasainm ormsa fhéin" adeireadh sé "ní poll dóite ar mo chóta é sin" / Ní raibh aon-droch-shúil aige, ach an deáchaint a bhí aige. M'anam dhá mbeadh sé ag caint le S. thíos go n-inn-seódh sé dhó cé hé fhéin gan frapa gan taca. Mo chreach mhaidne is air nach mbeadh an mhoill / Dheamhan gangaide ar bith ann ach a bhfuil de dheáchaint aige. Deáchaint ar fad é /[Ní iarrfadh sé go deó ach ar an deáchaint sin. Is biadh agus beatha leis í, hé brí cén sásamh a fhaghas sé aisti. Ach sin é an chaoi. Ní h-ionann tréartha do chuile duine / Tá do dhá dhíol deáchainte uiliog agad. Breá nach bhfanann tú thoir ar do bhaile fhéin agus a dhul ag deáchaint leó, go bhfeice tú cá'id a éistfear leat. Ba ghearr go mbeadh rud ar a shon agad, deirimse leat!]/ Tá caint aige agus ní hí an deáchaint í = droch-chaint, gairsiúlacht, nó gráiscínteacht a bhíos ar siúl aige. [Tá leagan den tsórt seo coitianta i gcaint agus an chiall bhunaidh le dea ann .i. go maith, no cráifeach] / Má tá caint aige ní deachaint í (: caint ar fónamh). Bá mhinic len a chineál an droch-bhéal a bheith orra /

deábhreith = ainm-fhocal buineann = breithiúnas maith go h-áirid ó Dhia.

Deábhreith ó Dhia orainn! / Go dtugaidh Dia deábhreith orainn! / Deábhreith go bhfaghamuid! / Dea bhreith orainn ar an lá deireadh! / Má bhíonn an Naomh Pádraig in a bhreith(eamh) orainn, tiúrfaidh sé deábhreith orainn le cúnamh Dé. Gheall sé nach bhfágfadh sé Cloinne Gael ar deireadh /

deáchríoch: ainm-fhocal, buineann = pósadh faoi shéan; bás ola agus aithrí; do leas a dhéanamh, nó do ghníomhra a dhul chun tairbhe nó chun maitheasa dhuit /

Go gcuire Dia deáchríoch ort! — Beannacht = Go bhfagha tú deábhás; go ndeana tú do leas; go bpósa tú faoi rathúnas / Deáchríoch ort a mhic ó! / Deáchríoch orainn uiliog! / Ná raibh deáchríoch ort le deis a bheith ort! / Deáchríoch ó Dhia orainn! /[Tá súil agam go gcuire Dia deáchríoch ort / Ní deáchríoch a chuaigh uirre an dílleachta bocht = cuireadh ó chrích í; bhí clann thabhartanais aice / Ní raibh aon-cheann comhairle aice mar bhí a h-athair agus a máthair básuithe, agus ní dheachaidh aon-dheáchríoch uirre ní dhá roint léithe é / Mara n-athraí tú béasa, tá faitíos orm sábhala Dia sinn nach hí an deáchríoch a bheas ort. Ní bac le inghin ar bith a ghabhfas thar chomhairle a h-athar agus a máthar. Ní hé bara a leasa atá fúithe]/ Duine ar bith a dhéanfadh a mhacsamhail sin de rud, ní deáchríoch a d'fhéadfadh a bheith air, tús na breithe ag Mac Dé /

deadesign = ainm-fhocal [Is cosamhail gurb é an focal Béarla design atá ann. Fuaimeanna an Bhéarla atá ar na leitreachaí. Tá sé coitianta go maith san gcaint ach ní bhíonn an focal "design" ann ar aghaidh féin gan an réimmír deá i gcomhnaí] = deárún; leas; maith; bara leasa.

Ní ar dheádesign ar bith a casadh an cloigneachán sin an bealach seo = ní deárún ná deámheanmna a thug an bealach é. Rún mísce is fáth len a thuras / Ní ar dheádesign ar bith adúirt sé é sin leat. Ag iarraidh thú a chur i mbealach do bhasctha atá sé. Diabhal ceó eile /[Níor cheart daoib araoid ar bith a chur orra. Amháin nach ar dheádesign ar bith a tháinic siad fhéin, ná baol orra]/ Níl sé amuigh anocht ar dheádesign ar bith. Ní ghabhfaidh sé abhaile gan ballséire eicínt a dhéanamh / Bhí a fhios agam an chéad lá ariamh a bhfaca mé an "bicycle" céanna nach ar dheá design ar bith a thug tú isteach san teach é. B'fhurasta aithinte é /

deástaid: ainm-fhocal buineann = deáriocht, deáchruth; ar staid na ngrást.

Go gcuire Dia ar dheástaid na daoine! = Beannacht = go gcuire Sé ar dheáriocht muid; go gcuire Sé ar staid na ngrást muid, nó go dtuga Sé an bheatha mharainneach dúinn / Go gcoinní Dia ar dheástaid thú a mhicín na páirte! / I gcíonn bhliana go raibh muid in ar saol agus in ar

slainte, agus go gcoinní Dia ar dheastaid muid! /

dealá = ainm-fhocal, fireann = lá maith; lá breá, lá coíriúil do cheann oibre áirid; lá a mbeadh cothrom gaoithe ann do bhádóirí, agus rl.

"Calm agus dealá do t'anam, a dhaidí", adeir an t-iascaire, nuair a fuair an sean-dhaidí bás = ba shin é guidhe an iascaire = "May there be no moaning of the bar when you put out to sea" / Deálá féir é. Ní tada eile é / Déanfaidh sé deálá anois / Deálá iascach é. Níl sé tada ro-gheal, ná níl an iomarca gairbeadais ann ach oiread /[Dhá dtugadh sé deálá ar bith uaidh, bhuailfinn an slaimín féir sin thiar ar a chéile]/ Níl aon-mhaith do dhuine an rith fada a thiúirt (: thiubhairt) air féin gan deálá /

deáuair, deáaimsir, deásheachtain, deábhliain, deáanna, agus rl. = ainm-fhocla = uair agus rl. a bheadh go breá, tirm, cóiriúil nó freagrach.

Fáilte an diabhail roimpe (: feamuinn dearg). Níor tháinic sí le deauair ariamh / Níor fhuagair Bun na h-Abhann le deáaimsir ariamh / Ní deáaimsir ar bith atá air. Tá garraí ar an ngealaigh / B'fhéidir dhó a dhul ar chlaochmú agus ar dheáaimsir as an nglasuair seo. Tá sinseáil eicínt ar an tráthnóna ar chaoi ar bith /[Le neart deáuaire atá an chlagarnaíl sin ag na cladaí. 'Deile! / Níor mhinic le tús Bealtaine a theacht in a dheáuair]/ B'fhéidir go bhfuightheá deáanna anois. Caithfidh cothromacan síne na h-aimsire a theacht uair eicínt. Ba mhór a b'fhiú dhá n-eiríodh sé as an doininnse hé bí é. [Deáanna = seal de dheauair = seachtain nó ceanna laethantaí mar sin] / Deáanna! Bail ó Dhia ort! Tá deireadh do chuid deáannaí caithte aríst i mbliana! / Dhá dtugadh sé deáanna uaidh anois, ba mhór a rachadh sé 'un sochair do na daoine. / Ba deábhliain í. Níor thada eile í / Mara dteagann deábhliain thar cíonn, bíonn an áit sin i gcomhnaí báite /[An-talamh é dhá dteagadh deábhliain, ach ná bac leis má theagann bliain fhliuch. Bíonn sé ina mhúscán / Dúradh ariamh féin nach raibh samhradh an deágheimhreadh le moladh. Sin é dálta an tsamhraidh i mbliana é. Bhí an geimhreadh thar cíonn agus tá a shlio{cht} ar an samhradh! / Ní deá shamhradh ar bith é an méid atá c{aite}

dhó, ach b'fhéidir go dtiocfadh uair bhreá fós / Ní theagann deá Earrach ar bith anois / Dheamhan cailleadh ar bith a bhí ar an tseachtain seo. Deá sheachtain a bhí innte / Thug sé deá mhí uaidh cothrom an am seo an-uiridh / Deá Mhárta a bhí ann i mbliana. Níor chuir "an tsean-bhó" cnead ar bith aisti fhéin, ná diabhal cur / Deá Nodlaig í míle buíochas le Dia / Marar phós daoine i mbliana, ná buailidís a mhilleán ar an aimsir. Deá Inid a bhí innte / Deá choicís a bhí san gcoicís seo caithte.

deá chroí = ainmfhocal, fireann = carannacht, fáilíocht, lághaíocht soilíosacht, garúlacht, agus rl.

Tá deá chroí aige / D'íosfadh sé le gearabalacht mar sin thú, agus shílfeá go mbeadh sé dháiríre. Níl fhaca tú aonduine ariamh a bhfuil cúl a chainte leis, mar atá leis. Ach dhá dteagthá ina línn nó dhá n-iarrfá aon-cheo air, dheamhan duine in Éirinn is soilíosaí ná é. Th'éis cho h-amscaí agus atá sé tá deáchroí aige ina dheidh sin. / Is mór is fiú an deáchroí a bheith ag duine hé brí céard is cor dó thairis sin. /

deádhuine: ainm-fhocal, fireann = duine macánta cneasta, deáchroíúil.

Seachain an drochdhuine, agus ní baol duit an deádhuine = sean-fhocal / Is fiú an anachain a sheachaint, adeir siad. Má leigeann tú thart an drochdhuine, ní baol duit an deádhuine / Níor mhinic deádhuine ag crosbhóthar Dh. Fh. = drochdaoine a thaithíos ann / Ní deádhuine ar bith é sin duit le bheith ag tabhairt chomhlódair dhó /

deábhealach = ainm-fhocal, fireann = béasa ar fónamh; iompar maith.

Pér bith cén bealach atá leis, ní hé an deábhealach é ar chaoi ar bith / Tá chuile bhealach leis an gceann céanna ach an deábhealach / Níl deábhealach ar bith leis an scaibhtéara sin. Mar sin fan uaidh / D'fheicfeá deábhealach eicínt le chuile dhuine, ach leis féin. Níl a leithide ag siúl leis. Diabhal corónta é! / An té a bhfuil an deábhealach leis, is furasta aithinte é. Ní chuirfidh sé aon-chaidéis ort /

deá theanga, deá bhéal agus rl. = ainm-fhocla = cuibhiúlacht chainte.

Bíodh sé olc maith anois: sin rud nach bhfuil a fhios agam leisce na bréige. Ach níl aon deá-theanga aige = níl aon-deá-bhéal air = bíonn sé ag gáirsiúlacht, nó ag déanamh bréag nó ag coireadh ar an gcomharsa / Tá chuile shórt air ach deá bhéal. Chuirfeadh sé an ghráin ort a bheith ag éisteacht leis. Na h-ailt a bhí a leathnú ar an ngiall aige /

deáobair = ainm-fhocal, buineann = ceird nó saothar ar fónamh nó ionmholta.

Tabhair an leabhair nach hí an deáobair atá ar siúl aige ar chaoi ar bith, pér bith céard atá sé a dhéanamh /[Ní minic leat an deáobair a dhéanamh / Dhean sé saothar annseo amuigh inniu agus ní hé an deá shaothar é. Is beag nachar bhasc sé bó le N. amuigh ar an mboithrín]/

deárún agus rl. = ainm-fhocal, fireann = a bheith fút rud ar fónamh a dhéanamh.

Ní raibh aon-deárún agad ariamh ní áirím anois = fonn mísce a bhí ort ort ariamh / Ní le deárún ar bith a casadh an l. sin aniar inniu. Cuir-fidh sé cloch báiteach san mbaithis ag duine eicínt roimh thráth-nóna. Is air nach bhfuil an mhoill /[Tá rún aige rud eicínt a dhéanamh agus ní hé an deárún é nó d'athraigh sé. Tá an diabhal craithte air sin / Bhí a fhios agam nach aon-deámheanmna a chas 'un an tí é ar an dá luath agus a bhfaca mé é, agus ar ndú ba gearr go raibh a chomharaíocht len a chois. Rug sé ar an gcroich go maraíodh sé a raibh istigh / Tá faitíos orm a chailín ó, nach deámheanmna ar bith a thug aniar i lár an chluiche scaibhtéaraí sin thú! Fuair tú amach iad ceart. Dhá gcuirtí slat chruinn ar Éirinn, diabhal a leithidí eile a gheobhfá]/ Ní deáchúrsa ar bith dhuit an rud sin a dhéanamh = ní rud maith é / Seadh, tá fonn air a dhul ann anois. Ní minic leis an deá fhonn a bheith air, ní minic sin / Ní raibh aon-deá intinn ariamh in a chineál. Ní raibh muis /

deáchosúlacht, deághothadh, deachomhartha, deáchruth agus rl. = ainm-fhocla.

Ní deáchosúlacht ar bith an madadh gaoithe sin / Níl deághothadh ar bith ar an lá / Ní deáchomhartha (deáthuar) na géabha riabhacha sin a bheith ag déanamh ar an bhfairrge /[Ní dea ghoic ar bith í sin air. Cho luath agus a fheicfeas tú é (: fear) ag cur na goice sin air féin, bí ar do shon féin annsin. Tá an buille ag tíacht / Ní deádhúachan ar bith é sin thiar. Is geárr uaidh dórtadh]/ Níl deáchruth ar bith ar a chuid caorach = níl aon-deáordú orra = tá siad claoite suaite / Ní deá chaoi atá ar an duine bocht anois, ní hea sin. Ach sé is fhearr ar bith agus a bheith san gcomhaireamh ceánn chor ar bith, agus an chaoi ar shaothraigh sé an saol le scathamh / Níl deáchuma ar bith ar an saol anois, an bhfeiceann tú /

deaaithne = ainmfhocal, buineann = (i) aithne mhaith. (ii) ach go h-ion-dúil fios a bheith agad go bhfuil duine go dona, go h-olc, go fealltach agus rl., nó nach ar fónamh a bhí sé leat féin nuair a tháinic tú in a línn. (líon?).

Tá deá aithne agam air = aithne mhaith, ach an leagan seo fhéin, is mó de chéill a (ii) ná de chéill a (i) atá ann = tá a fhios agam nach fear fealltach ná drochmhúinte ná búndúnach é; nó ní fhaca mise dhá bhárr ariamh ach an ghleóiteacht, agus an réidhchúis agus an lághaíocht. /[Tá aithne agam air, agus ní hí an dea aithne í ach oiread, agus ceart agam air / Ní hí an dea aithne atá agamsa ar an scóllachán sin. Fhobair sé mo chnámha a leónadh annsin thoir cheana; ach cúiteóidh mise leis é shula dteighidh mé féin ná é féin idtalamh, le cúnamh Dé]/ Ní hí an deáaithne atá ag muintir na h-áite seo ar an gcneámhaire sin. Shlad sé iad cheana: imeacht le luach a gcuid beitheach agus gan comhaireamh na sop a thabhairt dóib ariamh. Maran sunda é, go dtiúrfadh sé é féin le teasbáint sna bólaí seo go brách aríst! Ach níl náire ar bith ann /

deárud = ainmfhocal, fireann = rud nó ní maith; gníomh maith; caint ar fónamh nó caint chuíbhiúil.

Ní ar dheárud ar bith a tháinic sé timpeall. Bí cínnte dhe = ní deárún a chas timpeall annseo é /[Ní h'aon deárud atá aige, hébrí céard atá aige / Ní haon-deárud a dhéanfas sé ná a rinne ariamh]/ Nach bhfuil

a fhios agad go maith nach h-aon deárud adúirt sé. Ba mhinic leis! / Ní raibh an deárud ag cur síos leis ariamh hébrí céard a dhéanfadh sé faoi mhístáid = ní raibh rud maith ag cur imní air, ach ba mhinic é ag cur plean in a shuí le místáid a dhéanamh /

Deá chosa, deá amharc, deá bhróga agus rl. = ainm-fhocla.

Níl aon-deá chosa agamsa, ní ag ceasacht ar Dhia é. Is beag le as seo síos go tí J. a shiúilfinn anois. Dhá siúilinn mórán thairis, ní fhanfadh sea na seoladh ionnam /[Chítear dhom nach bhfuil deá amharc ar bith agam le goirid. Cén bhrí ach bhí mise scathamh eile ar fhear cho grinn agus a gheobhfá ar chruinneál. Caitheann an aois a cuid féin a fháil]/
Níl aon-deá shúil aige, bíodh drochshúil aige nó ná bíodh = tá súile scéiniúla, nó súile fraochmhara aige / Tiúrfaidh sé an buille agus ní deábhuille é /
Ní deá bhróga iad seo atá ormsa anois. Níl díon deoir ionnta. /

deácháil, deáiompar, deábhéas agus rl. = ainmfhocla.

Níl deácháil ar bith air sin soir annseo / Ní deá bhéas a thóigfeas sé sin chor ar bith feicfidh tú fhéin air / Ní hé an deá fhaisean atá ag duine ar bith a thiúrfas comhlódar dó sin /[Cén uair a chonnaic muide deáiompar faoi. Dheamhan é ariamh. Ag troid agus ag bruighin a chonnaic muide é ó chuaigh banlá de chóta air]/ An bhfeiceann tú an t-imeacht atá faoi anois?
Mo léan ní hé an deáimeacht é = is furasta aithinte ar a shiúl nó ar a ghoic, nach deárún ar bith atá aige / Mara dtugaidh an sagart deáshompla uaidh, is deacair a bheith ag iarraidh deáshompla ar ar leithidí muide /

deábhás = ainm-fhocal = bás ola agus aithrí = bás ar staid na ngrást.

Deábhás go bhfághamuid más é toil Dé é! / Go dtuga Dia deábhás dúinn! /
Is cuma do dhuine beirthe é má fhánn sé deábhás / Nár fhagha sé an deábhás muis, má thugaimse tada dó = ní bhfuighidh sé tada uaimse /
Nár fhagha mé deábhás, má dúirt mé ariamh é = níor dhúirt mé ariamh é / Nar fhagha mé deábhás — go maithe Dia dhom é a rá! — má leag mé méirín fhliuch ariamh air /

deáchomharsa, deáchomharsanacht, = ainm-fhocla.

Deáchomharsa é Séamas. Go deimhin duit ní tada eile é / Fuagraimuid deáchomharsanacht orra! = na daoine maithe (fc. comharsanacht) / Is beag deácomharsanacht atá sna daoine anois, ní h-ionann agus fadó = níl siad in a ndeáchomharsanaí dhá chéile /[Go deimhin níl mórán den deáchomh -arsanacht ag siúl leis an gceánn céanna. Tá sé ro-ghar dó féin. Is cuma leis san diabhal é, ach uisce a tharraint ag a mhuileann féin]/ Bhíodh deá chomharsanacht ar an mbaile seo fadó, ach d'imigh sin. Is mór leo féin a chéile anois, agus bíonn siad ithte le cantal, má fheiceann duine aca maith bheag ar bith ar an duine eile. Tán aicís sna daoine anois /

deálabhrach, deáchainteach = aidiachta = deáchaint a bheith agad = a bheith tráthúil nó greamannach i ngreánn.

Tá sé an-deálabhrach (deálabhra). Ní mhór dhuit a bheith ar t'aireachas fhéin i gcomhnaí nó gheobhaidh sé brabach ort. Sé atá deas air, 'mo choinsias / Ní raibh aon-ghangaide ann, ach go raibh sé an-deáchainteach mar sin. Sháródh sé críochnuithe thú scaithtí. Ní fhéadfá rud ar bith a rá nach mbéarfadh sé thall ar theanga ort /[Is diabhlaí deáchainteach an breastairín é siúd. Níor tháinic iadhadh air ach ag nathaíocht i gcaitheamh na h-oíche. Ní raibh duine ar bith eile indon focal ar an bhfocal a thabhairt dó ar chaoi ar bith / Ní iarrfá choíchin ach deáchaint! 'Ar ndú' ba dual duit sin]/

deáchroíúil: aidiacht = deáchroí a bheith ag duine = é a bheith carannach, fáilí soilíosach agus rl.

Duine deáchroíúil é. Diabhal a leithide eile ann. Dhéanfadh sé rud ar bith dhuit! / Tá sé ro-dheáchroíúil, agus beagán dhá bhárr go minic aige. Is olc a chúitithear a shaothar leis. Ach is cuma leis. Ní dheachaidh aonduine an bóthar ariamh nachar bhain sé an tart agus an t-ocras dhó (: dhe) /[Is mór an dícéille dhuit a bheith cho deáchroíúil agus atá tú. Ní raibh agad an ghail a d'eireódh de do chac a thabhairt do chuid de na daoine / Bíonn sí ag síorá léithe mar sin, ach a chead sin a bheith aice. Is duine an-deáchroíúil 'na dheidh sin í. Beidh sí agad lá an anshó ar chaoi ar bith]/

deá bhéasach = aidiacht = múinte, béasach, deánósach, cuíbhiúil.

Tá chuile dhuine ag gabhail leis deá bhéasach. Ní bheidís aige siúd mara mbeadh. Thóig sé go bog múirneach, múinte iad. Tá a shliocht orra /

deá shomplach, deárúnmhar, agus rl. = aidiachta.

Ní bhíonn aithreachaí ná máithreachaí leath sách deá shomplach lena gclann / É sin deárúnmhar go deimhin! M'anam muise go bhfuair tú amach é! / M'anam nach bhfuil leath cho deáintinniúil agus a shíleas tusa dá mbaintí as é. Sin é an droch-pheata deirimse leat = tá sé olc, taghdach agus rl. /

deá oilte, deádheilbhthe, deáchurtha, deámhúinte, deádhéanta agus rl. = aidiacht-bhriathra.

Duine deáoilte é. = tóigthe go maith, múinte béasach / Tá sé deá mhúinte = múineadh nó béasa air; rud fólamta go maith aige / Tá an snáth sin deá dheilbhthe. Is furasta aithinte cé a thóig láimh as a chíonn / Diabhal mé go bhfuil an píosa oibre sin deádhéanta slachtar / Tá an tuí sin deachurtha. Dúshlán duine ar bith aon-locht a fháil uirre! Ní féidir é, ná cuid dhá fhéidir /

deá fhocal = ainm fhocal, fireann = deárud a rá; deáchliú a thabhairt; caint ghrástúil.
Ní hé an deáfhocal atá aige sin d'aonduine (faoi aonduine) = ní thiúrfaidh sé aon-deá cháil ar aonduine. Sciollfaidh sé gach duine / Bí siúráilte má dheireann sé tada nach hé an deáfhocal adéarfas sé fút /[Ní hé an deáfhocal a bheadh in do bhéal leath cho maith! Ach mise i mbannaí go dtóigfidh tú an droch-fhocal sách gasta = focla míchuíbhiúla; nó focla eascainí nó gáirsiúlachta / Nach beag an luadh agad an deáfhocal a bheith agad. Ach ba deacair dhuit agus an dream atá tú a thaithiú. Cuirfidh siad sin i mbealach do bhasctha tú feicfidh tú fhéin air. Ach bíodh agad. Beatha do dhuine a thoil, adeir siad]/
deácheann = ainm-fhocal = deá dhuine; duine a bheadh go maith nó go cóir geanúil leis an dream a bheadh in a chleithiúnas / Ní deácheann ar bith é sin.
Fan uaidh! = duine ar fónamh /[Níl sé in a dheá cheann dá bhean = ghníonn sé éagóir uirre; buaileann sé í, nó ní thugann sé a sáith le n-ithe di. / Tuilleadh diabhail aice anois. Sin cothromacan síne na h-uaire. Ní raibh sí féin in a deácheann don tsean-bhean a bhí san teach sin roimpe]/

Deáscéal = ainmfhocal fireann = scéal maith; scéal freagrach.

Sin deá scéal ar chaoi ar bith / Ní minic leat an deáscéal a bheith ag teacht leat /[Beidh gorta ann an bhliain seo chugainn! Níor mhinic leat an deáscéal a bheith agad! Is goire cabhair Dé ná an doras]/ Deá scéal ó Dhia againn! = dá gcloistheá deáscéal nó scéal ar fónamh eicínt agus gan aon-tsúil agad leis / Deáscéal ó Dhia againn. Slán an scéalaí! Beidh biseach ar an tae an tseacht-ain seo chugad, adeir tú! M'anam nach miste! Bhí na daoine tolgtha ag an gcaifí / Deáscéal ó Dhia againn muis! Is mór an saothrú a thiúrfas sin fhéin do na daoine dar príosta /

deághealladh: ainm-fhocal, fireann = (i) gealladh maith nó gealladh cínnte barainneach a thabhairt uait (ii) gothadh nó cosúlacht bhisigh nó mhéaduithe nó dul chun cinn.

Bíonn an deá ghealladh i gcomhnaí aige, ach sin é a dheireadh. = geallann sé (go ndéanfaidh sé) rud, ach ní dhéanfaidh / Sin é an deághealladh agus an droch-choimhlíonadh = deághealladh agus droch-choimhlíonadh = a bheith go maith faoi do ghealladh ach gan an cur leis a bheith ionnad (sean-fhocal) / Dúirt sé go dtiocfadh sé, ach ar tháinic? Mo léan géar! Deághealladh : droch-choimhlíonadh /[Tá siad ar a dtáirm aríst ag iarraidh bhótanna. Déanfaidh siad cat agus dhá rioball an babhta seo ach iad a dhul isteach. Ach fan go bhfagha siad iad fhéin istigh! Deághealladh: droch-choimhlíonadh. Ní tada eile é. / Go gcuire mac dílis Dé an t-ádh ort! Nach shin é a cheird sin i gcomhnaí. Gheallfadh sé an ghealach agus na réalta dhuit, ach sén deághealladh agus an droch-choimhlíonadh é. M'anam gurb é! / Seachain anois nach ndéanfá é! Ná bíodh sé 'na dheághealladh agus in a dhroch-choimhlíonadh agad mar a bhíos sé i gcomhnaí]/ Ná tabhair áird ar bith air! Dhá mbeadh sé sin ag iarraidh a theacht, b'fhurasta dhó a theacht. An deághealladh agus an droch-choimhlíonadh i gcomhnaí. Is fhearr dhuitse fear a fháil a dtiúrfaidh tú luach a shláinte dhó, ná a bheith in a chleithiún -as chor ar bith. / Sin é an rud is luar liom beo: duine ag rá leat go ndéan -faidh sé rud agus gan cuímne ar bith féin aige air. B'fhearr leat duine adéar-

suas le do bhéal nach ndéanfadh sé chor ar bith é, ná deághealladh agus droch-
choimhlíonadh mar sin. B'fhearr dhuit é freisin. Ara beannacht Dé
dhuit! / Tá deághealladh faoin ngamhain sin = tá cosúlacht air go
ndéanfaidh sé gamhain maith, nó go bhfuil biseach ann / Dá mbadh
mise thú, dhíolfainn an bhó sin as an mbealach. Níl aon-deághealladh
fúithi chor ar bith. D'aithneóinnse údar maith /[Déarfá nach bhfuil
aon-deá ghealladh faoin aimsir pé aca sin é. Diabhal an dtaithníonn
na léasáin sin ó dheas liom. Ní fhaca mé ariamh iad nach ag cothú na
h-uaire móire a bheidís / Chuir mé glac mheacan san bpóicín sin thiar
agus brath mhór atá agam a rómhar aríst. Dheamhan deághealladh
ar bith fútha shílfeá. Loic siad cheana anuiridh orm / Níl aon deá-
ghealladh faoi. Dhá mbadh leis biseach a fháil, shílfeá go bhfuil sé in
am aige feasta. Tá faitíos orm nach bhfuil indán bisigh dhó — an
duine bocht. Tá sé in ainsil air anois / Níl deá ghealladh ar bith faoin
gcur i mbliana. Ba deacair dhó a bheith. Fuair sé an iomarca spalpadh
san am a raibh aige báisteach a fháil. Tá a shliocht air: Na dasachaí atá
amuigh féin, níl ionnta ach spreangaidí. Níl téagar ar bith ionnta]/ Níl
deághealladh ná biseach faoin searraichín sin. Teagann an-tsearraigh muis ó'n stail sin.
Feacha an ceann atá ag S. Sh. J. Dar Dia, tá sé scinnte (: sceinnte)
amach in a chapall cheana. /

deá láir = ainmfhocal buineann. San leagan "searrach na
deá lárach" / Is furasta aithinte anois cé hé searrach na deá lárach
= is furasta aithinte cé hé an fear atá cneasta macánta, nó
ar dhual dó an gníomh a bheith ann, nó is féidir a shaoradh ón místáid /

Deamhan, Deabhac, Diabhal, Diabhlaíocht, Diabhlóireacht, Diabhlaí, Diabhaltach, Diabhaltaí, Diabhailín, Diabhlánach, Daidhean, Deamhnaí, Deabhais.

Diabhal, Deamhan, Daidhean: mion-fhocla cainte (d ʼ əu:l : jūn : dəin)

Dheamhan agus go dtugaidh leis ceann = dheamhan ceann = diabhal ceann = deamhan dəun) ceann = den diabhal ceann = "divil" a one! = freagra ar "an bhfuil aon-tuitín (leabhar agus rl.) agad". / Dheamhan agus go dtugaidh leis ceann. Ná ceann a fuair mé le seachtain. Tá mé scrúdtha ceart críochnuithe / Dheamhan agus go dtugaidh leis ceann. Cá bhfuighinnse táirní? / Oinniúin! Dheamhan agus go dtugaidh leis ceann! Loic 'chuile cheann amháin orainn / Bric! Deamhan agus go dtugaidh leis ceann. Tá an fharr-aige ro-bhainte /[Scian ghéar atá tú a iarraidh. Dheamhan agus go dtugaidh leis ceann muis. Tá 'chuile scian san teach seo cho maol le lataí / Dheamhan a fhios agam céard a rinne sé = diabhal a fhios agam = daidhean a fhios agam / Dheamhan a fhios agam muis! B'fhearr dó gan bacadh leis sílim / Dheamhan a fhios cé'n scéal é! Breagh nach ndeárna sé ceann ar aghaidh agus gan loiceadh mar sin / Dheamhan a fhios agam cé'n scéal é! Saol gradha é / Dheamhan a fhios céard is fhearr a dhéanamh / Dheamhan a fhios cés fhearr an luas ná an mhoill / Dheamhan a fhios nach marbh atá sé faoi seo]/ De'n diabhal a fhios nach tuitim san bhfarraige a rinne sé / Diabhal a fhios nach imeacht a dhéanfadh na beithigh agus a dhul i mbradaíl i ngort eicínt / Dheamhan a fhios go té sin (: dheamhan a fhios do'n té sin?)! B'fhéid -ir gur thoir atá sé fós = níl a fhios go barainneach; níl a fhios ag aonduine nach thoir atá sé / Dheamhan's móide a dtiocfadh sé chor ar bith = b'fhéidir nach dtiocfadh; ach tá rud beag níos mó cinteacht ann nach dtiocfaidh sé ná tá i "ní móide go", nó "b'fhéidir nach" /[Dheamhan's móide gurb é a chonnaic tú chor ar bith / Dheamhan's móide fata in a theach, th'éis a bhfuil de fhloscaí aige! / Dheamhan's móide cianóg ruadh a bhuachfadh sé air sin go bráth / Dheamh -an duine ar bith istigh / Dheamhan mac an aoin a chonnaic mé aréir! / Ara dheamhan bó! Cá bhfuigheadh sé siúd beithigh! / Dheamhan cárr ná cuid de charr aige siúd / Dheamhan ceo féin adúirt sé]/ Diabhal cianóg aige / Diabhal a dhath féin (blas, ceo, pioc, faocha, agus rl.) dhá barr aca /

De'n diabhal oiread aige agus a dhéanfadh torann ar leic / Dheamhan an méid sin féin aice, th'éis gur beag é / Dheamhan thiomanta oiread agam agus a d'íocfadh an bus dom / Diabhal an oiread sin fhéin agadsa ainneoin cho mór-fhoclach agus atá tú / De'n diabhal thiomanta greim aige a chuirfeadh sé in a bhéal /[Dheamhan oiread agus leithphínn aige / Dheamhan oiread agus iarraidh ar an mbainis a rinne sé orm / Dheamhan oiread agus a fiafraí amháin a rinne sé th'éis gurb í a dheirbhshiúr í / Dheamhan Seán a leigfeadh isteach é nuair a tháinig sé / Dheamhan méid agamsa air]/ Diabhal ionga ná orlach tharm a bhí sé in a dheidh sin / Diabhal drúcht na báisteach adúirt sé sin le aonduine ariamh / Dheamhan an bodach is athair duit a dhéanfadh é ní áirím thú féin / Daidhean blas díom nach raibh báite / Daidhean mo chos-sa a ghabhfas ann / Dheamhan mo chois ná mo chnáimh a thaobhós é / De'n diabhal cáoi air fós = duine atá tinn / De'n diabhal a shúil a deirigh linn = iascairí nach maródh aon-bhreac / Dheamhan "is dona a rinne tú é" ná amháin adúirt sí leis an inín / Diabhal as amach a fhágfas sé go brách /[Dheamhan faoi thalamh ná as cíonn talúna a cheansódh é / Dheamhan san ngarraí dhó muise / Daidhean thar an teach a ghabhfadh sé ar éadáil / Dheamhan thar ráithe de'n laogh sin fós / Diabhal ag an teach dó — tada leis — anois / Diabhal ag teacht di fós = níl sí ag teacht fós / Diabhal thríd a chuirfeas tú le do loiseag é / Dheamhan 'na portaigh a rachas mé aríst i mbliana / Dheamhan go dtí ceann an bhóithrín annsin thíos ann. Tá a fhios agad coirnéal an Droichid Mhóir. Casadh ar thaobh do chiotóige annsin, agus beidh tú ann faoi cheann cúig nóiméad]/ Dheamhan go dtí tí Mh. ann. Shiúilfeá dhá nóiméad é / Dheamhan asam a bhainfinn é dhá mbeinn leis go deó / Diabhal tharm a ghabhfadh sé muis, dhá bhfeicinn ag teacht é / Dheamhan ó anocht go dtí amáireach a bhainfeadh sé as unsa tobac / Dheamhan ar an mbóthar dhe / Dheamhan agam dó hébrí cár chuir mé é / Diabhal dó a thiúrfainn é choíchin marach gur bhraith sé é / Dheamhan an miste liom! Déan é má thograíonn tú / Diabhal an fearr beirthe é = tá an scéal cho maith mar atá sé anois le bheith ar aon-chaoi eile [níl mé ro-chinnte gur an

.i. "Diabhal an", is cóir a scríobhadh i gcásannaí den tsórt seo.

fuaim ə atá ann] / Dheamhan an measa beirthe é a dhuine bhoicht. Sin é an chaoi. 'Chuile bhuille in aghaidh an duine bhoicht go bhfoiridh Dia orainn /[Shiúil tú sé mhíle. Dheamhan an beag duit sin / Trí phunt atá ort. Dheamhan an beag dhuit é / Diabhal an beag dhuit a dhonacht a chomharsa! / Dar príostaí diabhal an mór liom duit]/ Dheamhan an gearr liom é chor ar bith ach is daor liom é / Daidhean an mór duit deifir a dhéanamh / Dhe'n diabhal an beag dhuit a thúisce. Beidh tú luath go leor ag droch-mhargadh / Dheamhan arb fhuláir do'n fhéar seachtain anois / Dheamhan ar lúar (: luaghar, lughar) leis an sioc ná mé / Diabhal an garbh liom é, ach níl tada le fáil. Tá an farraige ro-challóideach / Daidhean an fuide é ná an t-achar a chuaigh mise agus J. ag tóraíocht chaorach / Tá sé dona go leor ach diabhal an measa é ná an lá inné /[Ara eist! Dheamhan an breácha í ná an bhean atá annsin thiar ag M. M. agus bíonn sí ag scaradh móna 'chuile lá / Dheamhan níos airde ná sé troighthe é. Féach leis é anois / Dheamhan ar lú é ná J. / Dheamhan an mó an coca sin ná a choca-seisean]/ Diabhal go maith dhó muis = níl sé go maith / Dheamhan go h-olc de'n lá / Dheamhan go dona dhíom marach cho spadtha agus atá mé / Ara céard sin ort! Dheamhan te dhó inniú! / Dheamhan siar a ghabhfas sé muis / Dheamhan isteach a chuirfeas tú é /[Dheamhan amach as a chorrós sé go lá speireadh na gcat! / Diabhal choíchin a fheicfeas tú aríst é / Dheamhan buailte fós dó = dheamhan a bhfuil buailte fós dó / Daidhean caithte a bhí de'n (: an) phíopa agam go ceann dhá lá / Dheamhan imithe di fós / Diabhal ag caitheamh dhó = níl sé ag caitheamh / Dheamhan ag feadaíl dó siúd! / Dheamhan déanamh! Baol air siúd tada a dhéan -amh! / Diabhal feiceál ná feiceál. Sháith sé é féin i bpruchóig eicínt as amharc na ndaoine / Diabhal baint ná cuid de bhaint ar a chuid móna fós aige]/ Dheamhan fiú agus teacht ar an mbaile a dhéanfadh sé anois! / Daidhean fiú agus blaiseadh de'n bhainne a dhéanfadh an laogh / Dheamhan seasamh fhéin a rinne sé, ach fanacht ag siúl / Dheamhan an bhfuil le fáil di / Dheamhan a raibh ann ach triúr / Dheamhan an bhfaca mé de Sheán le fada ariamh an lá / Diabhal ar dhúirt mise tada, adeir an bhean

a chuir an baile ag troid / Diabhal an gcuirfinn díom go deó é,
marach go dtáinig tú / Daidhean a leigfeadh an faitíos dó a chois
clí ná dheas a chuir taobh amuigh de dhoras /[Dheamhan an ndéanfadh
sí é, dhá mbeadh Éire taobh leis / Dheamhan an abróidh mé tada /
Dheamhan nach dochar go dtí é / Dheamhan eisean adéarfadh tada
marach an cháillteóigín í fhéin / Daidhean mise a ghabhfas ann
muis / Dheamhan liom a thiúrfainn choíchin é marach gur casadh
P. N. a chúnamh dhom / Dheamhan linn a ghabhfadh sé ná cuid dhá
ghabhail / Diabhal "thú ná mé" (: faice) adúirt S. T. a bhí ag gabhail
le cuthach]/ Dheamhan marar dhíol sé aríst í = dhíol sé aríst í [níl
san "dheamhan" annseo ach neartúchan] / Dheamhan mara bhfuil go maith
dhó míle buíochas le Dia = tá sé go maith / Dheamhan mara bean
atá ann. Agus shíl mé gur fear a bhí ann i dtosach! / Dheamhan
mara sagart é! Thiúrfainn an leabhar gurb é an splíota fada
sin ag T. Ph. a bhí ag teacht an chéad-uair / Daidhean mara thoir
atá an ghaoth aríst! / Dheamhan mara fada a bhí tú leis! /[Dheamhan
murab é a mhac a rinne é / Dheamhan sea ná ní h-ea adúirt
sé ach a dhul amach]/ Dheamhan mé (Diabhal mé) go bhfuil moladh le
Dia = freagra ar "is lá breagh é. [Tá an leagan seo "dheamhan mé"
tréan i gcaint. Níl a fhios agam céard a bhaineas dó i gcúrsaí grama
-daí] / Dheamhan mé nach h-eadh. Capall buí atá aige / Dheamhan
mé gurb ea. Oíche bhreagh í /[Dheamhan mé nach hé. Ní slaghdán
ar bith é cebí céard é = samhlaíodh leis go raibh slaghdán air /
Diabhal mé gurb é atá ann. Anois a bhfuil biseach agad? / Daidhean
mé nach deá-uair ar bith í / Dheamhan mé gurb olc an chaoi do
dhuine ar bith a chuid a fhágáil ar mhí-scríb mar sin]/ Diabhal mé
gur garbh é ar an bhfarraige inniu / Diabhal mé muis nach h-amhlaidh.
Ná chor ar bith. Siad an dream is míne istigh ar do bhaile iad ina leab-
aidh sin / Diabhal mé nach beag duit t'aistir a bhean bhocht? /
Daidhean mé gur mór an feall é. Fear óg i dtús a shaoil agus a mhaitheasa /
Diabhal mé gurb ann a bhím anois ar fad /[Diabhal mé gurb aige atá
an chaint / De'n diabhal mé nach bhfuil a fhios agam muis. Dhá dteigheadh
an bheirt le chéile thiúrfadh J. cnáimh le crinneadh dhó]/ Daidhean mé
nach uait a thug mé í (: móin). Ach ba bheag nach uait. Dhá mbeireadh
an múr orm ag do chruaich-sa, is innte a rachainn / Dheamhan é =

freagra air "an bhfuil aon-airgead (tobac, rothar agus rl.) agad" nó "an ngabhfaidh tú ann" nó "an raibh Seán annseo" agus rl. / Dheamhan é. Céard a thiúrfadh mise ann / Dheamhan é. Ara dheamhan pínn! Tá muis! /[Dheamhan é! Do cheann finne ní thriomódh aon-fhód móna ar an aimsir seo / Ní dheachaidh sí abhaile fós. Dheamhan é. Bainfidh sé scathamh eile amach / Diabhal imeacht go sleibhe. Diabhal é muis. Tá an iomarca teólaíocht aige mar atá sé / Ní imrím cárta ar bith. Dheamhan é. D'eirigh mé asta ar fad / Is beag an baol atá air siúd muis aon-bhrat pósta a dhul air. Dheamhan é / Ní raibh sé sin ann beag ná mór. Dheamhan é ach an oiread liomsa nachar chorraigh de'n teallach annseo / Ní ghabhfainn ar páighe chor ar bith aige. Dheamhan é, ná dhá dtugadh sé punt san ló dhom. Dar a shon go deimhin! / Ní dhéanann sé eirghe amach ar bith anois. Dheamhan é ná ó a cuireadh an bhean / Ní ghabhfaidh an aimsir 'un breáchte go ceann tamaill eile. Dheamhan é, ná go dtéaltaighidh an toirneach seo as an aer / Tá tú réidh le síochán anois ná aon-suíochan a fheiceál ar an domhan. Dheamhan é muis nó go n-imighidh an ball dubh de'n fheadóig / Níor tháinig aon-lá i mbliana a b'fhuaire ná é. Dheamhan é ná anuraidh ach oiread / Pósfaidh go deimhin! Dheamhan é ná dhá mbeadh liaga óir in a cúl! / Dheamhan é, ná dhá bhfaghainn Éire bronta orm! Is beag a bheadh le déanamh agam a dhul san tabhairt sin a leithide de lá / Dheamhan an ceann muis. Dheamhan é. Ba díol déirce le na daoine "na Meiriocánaigh" féin a fháil anois, ach níl siad sin féin ann / Ní raibh duine beag ná mór ann. Dheamhan é muise]// Deamhan annseo ach sé cinn de chearca. Ní féidir gurb é an scafaire ruadh a bheadh ag sireoireacht aríst! / Dheamhan ach trí cinn agam / Diabhal ann a bhí mé le seachtain ná an bhfuil a fhios agam céard is cor dóib / Diabhal maith duit ann! Ní ghabhfaidh mé leat / Dheamhan maith a bhí dhó liom! Ní ólfainn an sileadh uaidh / Dheamhan gar (maith) a bheith ag caint! Má rinne sé sin anois d'imigh an diabhal craithte air / Dheamhan ceann annseo ná de'n diabhal ceann! / Dheamhan truaighe ar bith é. An té nach gcuirfidh san Earrach ní bhainfidh sé san bhFómhar, adeir siad / Dheamhan an smid féin a labhair sí / Dheamhan a chois chlí ná dheas a thiocfas isteach annseo aríst i mbliana / Dheamhan fiú agus na cianóige a thug sí dhom / Dheamhan an gcuirfeá ag ruaigeadh na bpréachán an hata a bhí air / Diabhal easna dhó nachar bhuail mé /

Diabhal, Deamhan, Deabhac, Diabhailín [d ʼ əul; d ʼ ūn, d ʼ əun amantaí, d ʼ əuk; d ʼ əul ʼ īn ʼ] = an t-abhairseoir; athair an uilc; "an té atá thíos" [Diabhal is mó a thugtar air]; droch-dhuine; smál, míádh, mífhortún agus rl.

'Sé an Diabhal a bhí ann (: an diabhal in Ifreann) / Nach hé mac an diabhail é, agus a leithide de chaint a chaitheamh = droch-dhuine / Is tú mac an diabhail anois agus a dhul ag déanamh a leithide de chleas / Sin é eallach an diabhail = droch-dhuine nó droch-rud / Ná bac le poitín! Sin é eallach an diabhail / Nach hé eallach an diabhail anois é a chuaigh ag cur bréag mar sin ort / Tá féith ó'n Diabhal 'sábhála Dia sinn is chuile dhuine aca sin = tréartha an diabhail; droch-thréartha /[Is furasta aithinte go bhfuil féith ó'n diabhal ann agus an cheird atá air / Tá an diabhal ag cur chathaí ort agus a dhul ag míoladóireacht liomsa / Cé'n diabhal atá ag cur chathaí (: cathuighthe) ort chor ar bith nach leigean tú de'n páiste!]/ An diabhal féin — diúltaígh -eamuid dó! — atá ag siocadh leat (do do shaghdadh, ag spocadh leat, ag plé leat agus rl.) / Tá an diabhal san gcraiceann agad = tá breathas nó míádh nó smál eicínt ort / B'fhearr leis an diabhal a chastáil dó (a fheiceál, beannú dhó agus rl.) ná mise / Tá sé cho láidir (cho scafánta, cho h-olc, cho h-imeartha, cho cleasach, cho fliuch, cho garbh, cho dubh, cho mór, cho fada, cho deacair, cho tuirseach, cho géar, cho gangaid-each, cho luath-chainteach agus rl.) leis an diabhal (féin) /[Ní dhéanfadh an diabhal (fhéin) é, tá sé cho cruadh sin / Ní bhainfeadh an diabhal an portach siúd / Ní shásódh an diabhal cuid de na duine / Ní chuirfeadh an diabhal faoi ndeara dhó eirithe / Ní bhainfeadh an diabhal ceart de'n tsean-chailín atá ann / Ní chuirfeadh an diabhal slacht a chodach air]/ Bail an diabhail ort le rud a dhéanamh! = eascainí / Bail an diabhail air agad, nach gcaitheann uait é / Choimrí an diabhail (choimirce an diabhail) dó le am a theacht! / Luirg an diabhail duit, nach n-imíonn feasta! / Mullach an diabhal dó le tráth a bheith amuigh! / Mo chuid de'n diabhal ort le caoi a bheith ort! / Tá sé ag rith ar

nós an deamhain (diabhail) (ag ithe ar nós an diabhail, ag troid agus rl) / M'anam ón diabhal (m'anam ag an diabhal) go mbris -fidh mé do straois! / Dar mo chroí ó'n diabhal agus go ndéanfaidh mé conra dhíot! / T'anam feánnta go raibh ag an diabhal céard atá tú a dhéanamh? / T'anam ó'n deabhac, cé'n chiall duit sin a dhéanamh! / Do chorp ó'n diabhal mara furasta leat magadh a dhéanamh! / Do chorp cascartha ó'n diabhal, mara ndúine tú do bhéal, agus beidh t'anam agam / Go rósta (go bhfeanna, go scalla, go maraí, go ropa, go bpléasca, go dtachta, go scólla agus rl) an diabhal thú! / Coirce a bhaint! Go mbaine an diabhal an teanga assan ar chuma ar bith, mara mór a bhaineas mo chuid coirce dhó le caidéis ar bith a fháil dó! / Go mbuail -e an diabhal agus an deamhan ar chinc (chuinc?) an mhuiníl é! / Tá sé imithe faoi dheireadh thiar thall agus go n-imí an diabhal leis, gan dochar gan díobháil dúinne! / Ag an diabhal go raibh tú le deis a bheith ort! / Ag an diabhal go raibh sé fhéin agus a asal nach gcuireann sé cromnasc air ar nós chuile asal san tír! / Ag an diabhal go raibh sé agad, nach ndéanann é feasta, agus gan na daoine a bheith bodhruithe níos fuide agad faoi! /[Ag an diabhal go raibh an ceann céanna! Tá muid sáruithe aige maidin agus trathnóna / Ag an diabhal go raibh a bhfuil de cheol san tír! Tá aos óg splanctha aige / Teirigh 'on (: do'n) diabhal anois agus fagh é, má theastaíonn sé uait]/ Teigheadh sé 'on diabhal anois, agus faghadh sé fataí! Nuair a bhí mise in mo chuid allais ag saothrú fataí, bhí seisean ag imeacht ag gábhail "Eileen ón a Ruan" ar chnocáin! / Teigheadh sí 'on diabhal anois, agus fághadh sí an té a dhéanfas di é má's breá léithe. Is deas í mo cheird go deimhin, ag obair di sin ar bheagán buíochais / Teirigh 'on diabhal anois má thograíonn tú agus fagh bicycle! / Go dtuga an diabhal coirce dhuit croisim aríst thú! / Go dtuga an diabhal le fánaidh aille thú! / Go dtuga an diabhal leis thú le caoi a bheith ort / Go dtuga an diabhal go Hanóver (California agus rl.) thú, mara dtugadh sé ach leath-mhíle san ló thú! (mara dtugadh sé

ach go béal an bhóthair thú, go tigh Mhaidhc Mhóir agus rl.) /
Bainne a thabhairt do'n mhadadh! Go dtuga an diabhal
thairis é muis! / Go dtuga an diabhal thart í muis, croisim
aríst thú, dheamhan feoil a gheobhas tú annseo / Go dtuga an
diabhal thairis é, marab é a d'ól an bhleánach! / Go dtuga
an diabhal thairis amach as a phutóig é! [Cannda aráin mar
sin imithe ag madadh agus a liachtaí créatúr bocht ar fud an
tsaoil anocht, ar mhaith leis a fháil. Ach ní hé an madadh is
measa ach a gcuid sraoillíocht fhéin a fhágas ar forbhás
an rud / Go dtuga an diabhal thart é mar chut! Is breá an
geampa feola atá árduithe leat agad! Ach ní milleán ort é
ó d'eirigh sé leat! 'Sé an bhiadh san sruth fola do ghreim-sa
ar chaoi ar bith!]/ Thug sé P. do'n diabhal ingeall ar
na beithigh = dúirt sé leis a dhul 'on diabhal nó a dhul
i dtí diabhail / Is maith éasca a thiúrfadh sé sin do'n diabhal
thú anois muis, dhá gcuirtheá aon-mhúisiam air / Thug sé
a raibh aca ann ó liath go leanbh do'n diabhal, agus má bhí
mise in a dhiaidh sin orra castar liom é / M'anam
feánnta ó'n diabhal go bhfuil brath mhór agam corp a dhéanamh
dhíot! /[M'anam ó'n diabhal gur beag a bhí ar t'aire muis,
má sin í an cheird a bhí ort ó mhaidin! / M'anam ná raibh
ag an diabhal gur fhobair tú leiríní a dhéanamh de mo
chois le do chuid útamála]/ T'anam cascartha ón diabhal
céard atá tú ag rá? / Teirigh idtí diabhail agus fagh anois é
má's breá leat é! / Teigheadh sé idtí diabhail anois, agus
déanadh sé é má thograíonn sé! / Teirigh i dtí diabhail a
scéiméara! / Bíodh an diabhal aige anois! Tá mise réidh leis /
Bíodh an diabhal aige, agus na seacht ndiabhal má thograíonn
sé! / Bíodh an diabhal aige, agus an deamhan má thograíonn
sé. Cé'n bheann atá agam air? Tá muis! / Bíodh an diabhal
ag a bhfuil agaibh ann anois! Tá mise ag greadadh / A mharú
a bhí a dhéanamh, marab é an diabhal in a chraiceann é! /
Nach hé an diabhal in a chraiceann anois é, a dhul ag
bacadh na ngasúir bhochta / D'imigh an diabhal ort le cleas
a dhéanamh = d'imigh an diabhal agus an deamhan ort =

d'imigh na seacht ndiabhail ort (fc. imigh) / I dtí diabhail thú! [Ní abraítear: teirigh go h-Ifreann ná rud ar bith mar é i nGaeilge cho fada le m'eolas] / Tá sé ag dul i dtí diabhail ar fad le gairid = chun drabhláis, chun donachta, chun seafóide agus rl. / Sin é an uair a chuaigh sé ó thí diabhail go tí deamhain (d ' ə un ') muis = chuaigh sé ó ghiolla na sliogán go giolla na mbáirneach = from bad to worse, nó from the frying-pan into the fire / Chodlódh sé (d'íosadh agus rl.) sé an diabhal / Nach air atá an diabhal, nach leigeann duit = míadh, smál / Tá an diabhal craithte air ag ól = tá sé go dona ag ól / Bhí an diabhal craithte air agus aon-araoid a chur air sin / Nach mór de'n diabhal atá ort nach ndéanfadh é! / Tá an diabhal mór (an diabhal go deo, an diabhal dearg agus rl.) air / Nach uirre atá na seacht ndiabhail nach bhfanfadh as /[Bhíodh an diabhal mór air sin, ag róstadh agus ag scólladh agus ag glaoch giolla na míol ar 'chuile dhuine. / Bíonn na seacht ndiabhail air nuair a thosaíos sé / Tá an diabhal ar an mbáistigh (ar an aimsir, ar an mbóthar, ar na míoltógaí beaga, agus rl.) / Tá an oíche in a diabhal le duibheacht (le gairbh -eadas agus rl.) / Tá diabhal eicínt orm = tinneas, aistíl / Chítear dhom go bhfuil diabhal eicínt air le goirid / Cé'n diabhal atá ort, nach scaoileann amach é? / Tá an diabhal báistí caithte aige]/ Rinne sé an diabhal óil / D'ól sé an diabhal agus a mháthair = ["an domhan agus a mháthair" is mó adeirtear] / Tá sí in a diabhal le cantal = sháraigh sí an diabhal mór le cantal / Ní bhainfeadh an diabhal (an diabhal mór) ceart dó / An diabhal mór féin ní dhéanfadh a bhealach ann / Dheamhan diabhal ann mar é / Ní fhaca mé a leithide de dhiabhal in mo shaol ariamh / Bhí seisean ag fáil loicht air, agus gan diabhal ar bith ann ach é féin / Ná bac le diabhal ach sháraigh sé siúd loirgne dóite! / Dearg-dhiabhal é (fíor-dhiabhal, dubh-dhiabhal, diabhal críochnuithe, diabhal in a chraiceann agus rl.) = droch-dhuine / Nach thú an diabhal a chuaigh dhá dhéanamh sin! / A dhiabhail álainn, eirigh as /[A dhiabhail álainn nar mhaire tú do cheird! / Gabh i leith annseo a dhiabhail [Níl mórán gaimhe i "diabhal" i

ráití de'n tsórt seo, agus tá sé an-choitianta] / Ar dhúirt
sé sin a dhiabhail? 'S a dheabhais má dúirt! / Céard a
rinne tú leis a dheabhais [fuirm mhínithe de "diabhal"] /
Is minic a chonnaic mé céad diabhal mar thú a mbeadh do
chuid fataí bainte le mí agad!]/ Scaoil amach an diabhal /
Thug sé an diabhal dom, faoi nach raibh mé ann in am =
fuair mé an diabhal uaidh gan a bheith ann in am = thug
sé an diabhal le n-ithe dhom gan agus rl. / Tiúrfaidh sé an
diabhal len ithe dhuit má fheiceann sé istigh annsin tú =
feannadh; liobairt; ithe agus gearradh / Fuair mé an diabhal
uaidh faoi nachar thug mé aige an speal / Tabhair an
diabhal dó anois (: feannadh) ach a dteaga sé / Gheobhainn an
diabhal ceart uaidh, dhá mbeadh a fhios aige go raibh aon-
láimh agam ann / Tá sé ag déanamh an diabhail orra seo
suas ag cumadh dhóib (ag cur rud as dóibh, ag imeartas orra, ag
déanamh créatúlacht orra, dhá scrios agus rl.) /[Tá na sionnaigh
indon an diabhal a dhéanamh nuair nach dtapaíthear iad /
Níl rud ar bith indon an diabhal a dhéanamh ort ach cosa fliucha /
Bainfidh mise an diabhal amach as do dhromán mar asal = buailfidh mé
thú]/ An rud a chruinníthear ar dhruim an diabhail imíonn sé
ar a bholg (fc. druim) / Níl aon-ghaol ag an diabhal le duine bocht
= sean-fhocal = is mó an cathú a fhéadfas an diabhal a chur ar an
duine saibhir; ní bhíonn tada ag an duine bocht le caitheamh, ná ní
bhíonn a shúil le rud ar bith / Tá sé fánach ag daoine dona a bheith
ag comórtas leo sin. Ní bhíonn aon-ghaol ag an diabhal adeir
siad, leis an duine bocht /[Níl a fhios nach mar is dona is fhearr agus
is deacair a rádh nach h-ea. Má bhíonn duine bocht féin,
dheamhan 's móide gur fearr dhó beirthe é. Ní bhíonn aon-ghaol
ag an diabhal leis an duine bocht. Aithníonn an buachaill sin
a dhuine féin freisin / Má tá caitheamh agus fáil ag duine, tá
a cheart aige. Is beag len a chois a bhíos ag an gcuid is mó de
na daoine ar chaoi ar bith. Is iomdha bó mhór ar fud an tsaoil,
agus bráigill aca, agus gan é ach ag cur chathaí orra, agus ag
cur an diabhail ag siocadh leo. Ní bhíonn aon-ghaol ag an
diabhal leis an duine bocht, tá a fhios agad]/ Nach tú an

deamhan (d ʼ ūn) anois (an deabhac freisin. Is minic a deirtear deamhan agus deabhac i leabaidh diabhal) / Níos mó ná deamhan ná diabhal ní dheachaidh mé in eascainí ariamh = déarfainn deamhan agus diabhal, ach ní abróinn eascainí ar bith níos gangaidí ná sin / Tá deamhan agus diabhal ar bharr a guib aice = bíonn sí ag luadh mionnaí móra i gcomhnaí / Is maith an t-údar é. Gasúr mar é agus deamhan agus diabhal aige 'chuile ré solais /[Níl deamhan ná diabhal thoir ná thiar nachar thug sé uirre. 'Sé an scaimhléara é / Ná cloisimse deamhan ná diabhal as do bhéal aríst go maidin, nó íocfaidh tú ann. Níl a fhios agam cár thóig tú na mionnaí móra chor ar bith]/ Aníos as Condae an Diabhail Bhuí é = as Condae eicínt i bhfad síos; condae a bheadh cho fada ó láthair agus nach mbeadh mórán barúla agad cá mbeadh sé / Eirigh as anois, a dhiabhailín = gasúr, bean bheag, laogh, cut, maidín agus rl. / Diabhailín ceart é an t-arc sin, dhá bhfaghadh sé an té a choinneódh cocaireacht leis /

Diabhlánach (: d ʼ əulānəx): droch-dhuine, rógaire, duine gangaid -each nó ámhailleach nó a leithide; is measa go minic é ná "diabhal". / Nach hé an diabhlánach anois é ag gortú an asail! / Diabhlán -ach corónta é sin. Ní tada eile é / Meastú cá ndeachaidh an diabhlánach d'asal? Isteach ingarraí guirt eicínt! / Níl an diabhlánach de dhochtúr seo ann inniu ach an oiread. Ní hé is measa ach an tír dhona atá ag éisteacht leis /[Ní leanfaidh an diabhlánach de mhadadh sin tada, agus nuair a leanfas féin bíonn sé ro-ghéar. Níor múineadh ceart i dtosach é / Nach hé an diabhlánach in a chraiceann anois é, a chuaigh in mo bhéal faoin bhfeamainn! Nach deacair bheith ag iarraidh comharsanacht air sin!]/ Dhá dtiomálfá (tiomáin) an diabhlán -ach sin amach ag obair 'chuile lá, is beag de'n cheird sin a bheadh air deirimse leat. Ach is beag an dochar dhó uabhar féin a bheith air, agus é ag fáil a bheatha ó neamh / Diabhlánach olc é sin. Ná cuir chuige ná uaidh / Nach hé an diabhlánach mí-oibliogáideach anois é, agus nach dtiúrfadh sé aníos an beart slat dom, th'éis an carr a bheith falamh aige /

Diabhlaíocht, Diabhlóireacht = ainm-fhocla teibí as diabhal.
Diabhlaíocht = obair nó saothar an diabhail; droch-shaothar;
mísc, damáiste, easarlaíocht, díchreideamh, cleis, ealadhain.
Diabhlóir = duine a bhíos síorraí ag luadh mionnaí móra.
Diabhlóireacht = a bheith ag luadh mionnaí móra, nó ag eascainí

An áit a mbíonn fiannaíocht ní bhíonn diabhlaíocht, adeir siad = má bhíonn scéalta fiannaíochta nó seanchas ar siúl ní bheidh comhlódar ag coireadh ar a gcomharsa, ná ag gearradh na ngrást ná a leithide / D'eile céard iad ach dearg-bhréaga! Meas tusa an raibh fear ar bith ariamh acmhuinneach ar sheacht míle fairrge théachtuithe a chaitheamh de léim! Ach deir siad in a dheidh sin nach raibh fiannaíocht agus diabhlaíocht in éindí ariamh /[Is mór an siamsa é. Nach fearr é ná a bheith ag gearradh na comharsan. Is mór atá eatorra mo léan. Deir siad an áit a mbíonn fiannaíocht nach mbíonn diabhlaíocht. Ach sí an diabhlaíocht uiliog atá anois ann, agus níl áird ar bith ar an bhfiannaíocht]/ Tá an iomarca de'n diabhlaíocht istigh in a chloigeann le aon-rath a dhéanamh / Nach aca atá an diabhlaíocht! Nach beag an dochar den tsaol fhéin a bheith mar atá sé /[Tá diabhlaíocht Shasana indon a tabhairt as chuile ghá(bhadh). Mo léan deacrach thú is fada an lá díolta leis an diabhal í, agus m'anam go bhfuil sé ag rith léithe in a dheidh sin / Is beag dhá chuid diabhlaíocht sin na claidheach -aí a leagan. Leagfadh dhá gceapadh sé go gcuirfeadh sé an baile in árachaí a chéile / Níl léamh ar bith ar a chuid diabhlaíocht! Chuir sé an lúbán ar an dá dhoras tí Ph. an oíche cheana, agus b'éigin do dhuine a dhul amach thríd an bhfuinneoig le lucht na gcuart a leigean abhaile / Ba ghearr ar a chuid diabhlaíocht é, dá gcuimníodh sé air, ach ní chreidfinn gurb é a rinne é in a dheidh sin // Diabh-lóir ceart í sin. Ní theagann iadhadh ar a béal ach ag diabh-lóireacht / Leig de do chuid diabhlóireacht anois, nó leig-fidh tú dhi ar ball agus aiféala ort. / Dheamhan lascainí

a thug sé do'n sagart ach an oiread agus dhá mba fear do'n
bhaile é, ach ag diabhlóireacht leis. Má bhí féin, ní
chuige ná uaidh a chuir an sagart / Dhá ndéanadh diabhlóir-
eacht dó é, is fadó a bhí mé leaighte aige, ach míle buíoch-
as le Dia nach bhfuil sé ag fáil aon-toradh / Is corónta
an diabhlóir é, ag eascainí i gcomhnaí //

Diabhlaí (: d ′ əulī), diabhaltach (: d ′ əultəx), diabhaltaí, deamhnaí, deamhantach =
aidiachta as "diabhal", "deamhan" [Tá siad uilig an-tréan, ach is
minice an chuid eile i gcaint ná "deamhnaí"] = íontach, aisteach;
cumasach, mór, corónta; go h-an-mhaith, go h-an-dona, go
h-an-mhór, go h-an-olc, go h-an-gharbh, go h-an-mheabhrach,
agus rl., Mar do-bhriathar le aidiachta.

Is diabhlaí (deamhnaí, deamhantaí, diabhaltach, diabhaltaí) an
oíche í = garbh; fliuch, dubh, fuar, agus rl. / Is diabhaltach an chaoi
atá ar an aimsir = go dona / Nach diabhaltaí an deis atá
air, ar an obair sin / Is diabhlaí an mheabhair atá aige thar
'chuile dhuine eile! /[Ba deamhnaí an seasamh a bhí aige ar feadh an
lae inniu. Chaillfeadh sé na fiadhannaí / Is diabhlaí dalba (
is diabhlaí damanta, is diabhlaí mór, agus rl.) an cur atá déanta
agaibh bail ó Dhia oraibh ó mhaidin! / Is diabhaltach an caitheamh
atá sib a dhéanamh ar thobac]/ Is deamhantaí an coinneál
atá agad air nach gcaitheann chuige é / Ba diabhlaí an iarraidh
a fuair sé / Ba diabhaltach uaidh amhrán a rá = bhí sé go maith /
Is diabhlaí go deo uaithe cabhailíní a dhéanamh / Is diabhaltaí
é ag baint mhóna / Is diabhaltach thú ag nathaíocht bail
ó Dhia agus ó Mhuire ort / Ba diabhlaí mar a chuaidh an oíche 'un
feóthain. / Nach diabhaltaí gan pionsúr agam a bhainfeadh
é seo! / Ba diabhaltach gur fhága sé in a dhiaidh é / Nach diabhlaí
nach dteagann sé = nach mór an t-íona / Is diabhlaí nachar
casadh leat é! /[Is diabhaltach deacair (cruadh, trom, árd, agus rl.)
é a dhéanamh = tá sé an-deacair / Is an-diabhlaí éascaidh
fearg a chuir air]/ Tá sé rí-dhiabhlaí trom len a iompar (sáthach
diabhlaí trom, fíor-dhiabhlaí trom, dubh-dhiabhlaí trom, dubh-

dhiabhlaí trom go deo agus rl. / Is maith diabhlaí réidh leis rud a dhéanamh = síleann sé go bhfuil sé furasta rud a dhéanamh / Is diabhlaí maith an mhaise dhó é /[Is diabhaltach dona an snua atá air / Nach diabhlaí breá uait magadh a dhéanamh / Nach diabhlaí sciobtha a tháinic sé / Is diabhlaí an fear é = fear mór cumasach; fear láidir, fear doscúch; fear aisteach agus rl. / Is diabhlaí an duine é [déarfaí seo dá mbeadh cáilíocht áirid go suntasach induine]]/ Is diabhlaí má tá aon-ghortú ar a láimh, go bhfuil sé indon ceart ar bith a bhaint de'n láighe / Is diabhlaí agus é a bheith in a oíche nachar fhága sé go maidin é / Is diabhaltach ach an oiread le scéal gur chaintigh sé chor air bith air / Nach diabhaltach, aindeoin a bhfuil de chaint aige nach raibh cur ar a shon féin ann. Ní cheal muise nach mór a bheadh le rá ar an teallach annseo aige. /

Aguisín:

Tuilleadh diabhail aige nachar fhan san mbaile mara fada soir a thug a chosa é! = eascainí atá an-choitianta /[Má tá sé buailte anois muise tuilleadh diabhail aige. Is fada dhá thuaradh sin dó féin é / Tuilleadh ghéar de'n diabhal aige! Breá nachar fan sé san mbaile = eascainí; bris nó lear a thárla do dhuine de bharr a dhul in áit eicínt, agus níl an té a chuala faoin mbris in a diaidh air]/ Tuilleadh ghéar cascartha de'n diabhal aice anois! Ní bheadh sí beo mara dtarraingíodh sí an t-amhas sin uirre féin! / Is cuma san diabhal leis (is cuma san diabhal mór leis, is cuma san diabhal brách leis, is cuma san deamhan leis, is cuma san deamhan ná san diabhal agus rl.) céard is cor d'aonduine eile, ach é féin a bheith ceart. / Is cuma san diabhal eatorra é. Aon-chás amháin é ar chaoi ar bith! / Is cuma san diabhal sin. Bhí agadsa gan bacadh leis / Diabhal a chosa nachar ionnsuigh mé! /

déan = briathar (Modh orduighteach), Aimhrialta.

["Ag déanamh" Ainm Bhriathar. Aimsir láithreach — déanaim agus ghním. Tá an dá leagan comh-choitianta nó ionann agus é ar fud an cheanntair. Tá daoine agus teallaigh ann ar fearr leo ceann thar an gceann eile, ach thríd agus thríd, is minice "déanaim" agus rl. i gcaint. Tá ghní coitianta go leor ins an gCoibhneasta e.g. "cé a ghnío(nn)s é ach thú féin". Tá meascadh ag teacht ar an diúltach agus ar an dearbhthach. Cuirim i gcás deirtear scaithtí "ní ghníonn sé aon-rud" ceart, ach tá an dealú ann idir an dá fuirm maith go leor fós. Fáistíneach: Déanfaidh mé agus rl. Aimsir Gnáth Chaithte — ghnínn, ní dhéanainn agus rl. ach tá meascadh ag toidheacht annseo fearacht na h-Aimsire Láithrighe. Aimsir Caithte: rinne, ní dhearna, ach tá "ní dhearna" ag seirgeadh go tréan i gcuid mhaith de'n cheanntar. "Ní rinne" an Ghnáth-Aimsir Chaithte anois i gCois Fharraige agus ar na h-Oileáin, agus tá sé ag teacht isteach freisin ins an gcuid eile de'n cheanntar, i Rosmuc, Cárna agus eile. Ach tá "ní dhearna" coitianta go leor fós féin is gach uile áit ar fud Iarthar na Gaillimhe. Rinneadh, ní dhearnadh, ní dearnadh, deunadh, níor deunadh, an briathar saor. Tá déanadh, níor déanadh ag cuid mhaith i leabaidh rinneadh. "Dhean sé", "níor dhean sé" an t-aon-aimsir caithte atá ar an Achréidh cho fada ó thuaidh le Anach Chuain agus an Turloch Mór ar a laghad. Leanann na h-aimsireacha agus na fuirmeacha eile gnás na mbriathar eile. Níl aon-fhuigheall de'n choibhneasta ghní- (: an té a ghní) cho fada agus is eolus dom ins an gcaint. Tá aithris ins an gcoibhneasta ar na briathra rialta e.g. an fear a ghníos.]

[Fuaim: Déan, déanaim etc. = díon, díonaim ach nach bhfuil an í fad in déan baileach cho cinnte agus atá i díon (: tuighe, tighe). Ghním, ghníos agus rl.: níl fuigheall ar bith de'n gh ionnta: ním, níos agus rl. Aimsir Caithte an Achréidh dhean mé = dhiun, dhiunadar agus rl. Briathar Saor Caithte deanadh: diunadh (Achréidh, Conamara), díonadh (: Conamara). Aimsir Caithte Dhiúltach: ní dheárna ach amháin in Dúithche Sheóigheach ní dhearnaidh (ií) Aimsir Caithte bíonn fuaim -igh (= í) go minic ann: Rinnigheadar agus rl.]

Déan = a oibriú, a shaothrú, gníomh eicínt a thabhairt chun críche, a chaitheamh, a ídiú, ag dul chun cinn, a rádh, a innseacht, cóirighthe, gléasta, teacht, goineachan, a chur, a chaitheamh, a chumadh, a gheineamhaint,

a fhorbairt, a bhorradh, ag cur thart, ag tarraint ar … , ag múnlú, ag ceapadh, ag síleachtáil, teacht, taithighte, cleachttha, cinnte dhe, ag súil le, ag cruthú, críochnuighthe, amach agus amach

Bheadh sé cho maith dhuit a bheith ag cur gaineamh ingad le bheith dhá dhéanamh / B'éigin dó a dhéanamh in do leith-sa = b'éigin dó a dhéanamh ar do shonsa / Níor ghaisce ar bith dhó an méid sin a dhéanamh. Mara ndéanadh a Thighearna! / An té a ghnío(nn)s uabhar is dual dó cailleadh / Is furasta do'n ghiolla gan náire obair a dhéanamh / Is beag an chúis atá sé a dhéanamh, shilfeá / Ní dhéanfaidh Seán aon-mhaith tá faitíos orm = ní thiocfaidh sé 'un cinn len a chuid oibre, nó ní bhfuighidh sé aon-bhiseach ó'n tinneas atá air / Níl sé ag déanamh cúis mhór ar bith len a chuid oibre / Dhéanfá do dhicheall, [do dhóthain, do dhíol, dalladh, cuid mhaith, cat agus dá rioball agus rl.] dá mbeadh deis agad / Déanfaidh an cogadh céadna ár mara bhfuil ag Dia / Déanfaidh tú rud go deimhin! Tá baoghal ort / Déanfaidh tú túirne. Déan-faidh tú rud go deimhin! = is beag an baoghal go ndéanfaidh tú túirne / Tiocfaidh tusa go G. Déanfaidh tú rud go deimhin! / Is tusa a chuir an garrdha sin anuiridh! Rinne tú rud go deimhin! / Teigheann tusa ag an bhfaoisidín 'chuile mhí. Déanann tú rud! = ní theigheann tú ann / Tá sé in don nuaidheacht a léigheamh! Tá sé indon rud a dhéanamh go deimhin! Diabhal é muis! /[Bhuailfeá-sa S. B. b'fhéidir! Dhéanfá rud go deimhin! Dhéanfá caint!]/ Déanfaidh sé lá maith / Déanfaidh sí uair bhreagh anois le congnamh Dé / Rinne sé an-lá th'éis an smúit a bhí ann ar maidin. Diabhal mé gur scinn (: sceinn) sé amach an-bhreagh / Rinne sí an-tseachtain ó a chaith sé an méid sin báistighe /[Rinne sí an-bhliain, míle buidheachas le Dia. Bliain ar bith a gcaitheann sé sneachta mar sin, teagann sí go maith in a dhiaidh]/ Rinne sé an-gheimhreadh go dtí seo, pé'r bith cé'n chaoi a dtiocfaidh an t-Earrach. Deir siad nach mór dhuit a bheith ar do shon féin ar Earrach an Deagh-Gheimhridh. Níor moladh ariamh é / Déanfaidh sé sneachta, (sioc, gairbhthean, ráig, múr, báisteach, gála agus rl.) /[Rinne sé an-ghála aréir. Shíl mé go dtóigfeadh sé an sean-bhothán dhá lúdrachaí]/ Déanfaidh sí oíche dheannachtach, déanfaidh sin. Is gearr uaidh sinneán eile / Déanfaidh sé múraighil aríst indiu (: "showerings" — it will be showery") / Ní dhéanfaidh sé aon-chalm go dteighidh an ghealach seo amach / Rinne sé Márta breagh i mbliana rud ab annamh leis. Bíonn an Márta go h-úndúil (: iondamhail)

gaimheamhail / Tá sé ag déanamh (: ag cumadh) amhráin / Rinne sé an-amhrán faoi Sh. Mh. Th. / Rinne sé teach (cró, cathaoir, nead, claise, fear bréige, tubán, gad agus rl.) // Rinne sé gníomh ("acsion", gaisce, íodhal agus rl.) = rinne sé saothar mór eicínt ar dheacair a dhéanamh / Rinne sé ól = d'ól sé go leor / Tá ól déanta aige = tá sé óltach, súgach, nó ionann agus ar meisce / Ní fheileann duit mórán óil a dhéanamh anocht agus an oíche atá ann / Ní bheadh aon-tsásamh aige ann, mara ndéanadh sé a dhá dhíol óil. Sin é an bhéas atá aige i gcomhnaí / Fan as a bhealach siúd má bhíonn ól déanta aige. Is olc an peata é /[Ní féidir dhó gur ól atá déanta arís aige, agus a laghad achair ó a thóig sé an "pledge" ó'n misinéara. Thug sé na mionnaí agus na móide nach dtiocfadh aon-deoir ar a bhéal len a ló arís. Nach gearr an chuimne a bhíos ag cuid de na daoine!]/ Rinne sé ól, agus bhí sé ag imeacht ag sclaibéaracht agus ag sceaimhínteacht, agus ag cur achrainn ar 'chuile duine. Is uaidh a thastóchadh an iarraidh go géar! / Dhá ndéanainn a dhath fhéin óil an oíche sin, ní shaorfadh rud ar bith mé. Is orm a leagfaí é go siúráilte. 'Sé Dia féin a bhí in m'fhabhar / Má's leatsa bolg óil a dhéanamh, oibrigh ort, ach ní fhanfaidh mise leat /[Dhá ndéanadh sé an oiread óil agus a ghníos tuilleadh, is mór adéarfá, ach fear nachar ól ariamh thar chupla pionta ins an "turn" ag dul ag déanamh a leithide de chleas. 'Sé'n chaoi a bhfuil sé, níl duine ar bith le baint as margadh ar an saoghal seo. Mara chéile ar fad iad]/ Níl aon-fhear istigh in do phobal atá indon an oiread óil a dhéanamh leis, má thogruigheann sé é, ach is uair annamh, mar sin féin, a mbíonn plé ar bith aige leis /[Is fear é, nach mbeadh aon-mhairg air ól mór a dhéanamh, dhá bhfaghadh sé an deis. Ach coinnigheann an bhean smachtaighthe go maith anois é]/ Ná déan craos anois = ná h-ith an iomarca / Rinne sé craos le'r ith sé. Tá sé mór-thráthach / Déan do phroinn = ith do bhéilí (Achréidh) / Is gearr a bhí sé ag déanamh a phroinne. Shluig sé é / Tá sé thar am agad do phroinn a dhéanamh feasta / Seo anois, déan do phroinn, agus bí ag imeacht / Rinne sé a chuairt = d'fhan sé scathamh maith istigh againn (agaib agus rl. ar cuairt) /[Nach bhféadfá do chuairt a dhéanamh agus gan forú mar sin a bheith ort]/ Breagh nach ndéanfá do chuairt. Is annamh a castar againn thú / Rinne sé a chuairt. Níl sé mórán le uair imighthe /[M'anam gur beag an baoghal uirre siúd teas an aithinne a bheith in a tóin ag dul amach. Dhá mbeadh na seacht sraith ar an iomaire, dhéanfadh sí a cuairt]/ Suidh síos agus déan do chuairt. Is iomdha lá ins an roillic orainn / Déanann sé go leor

cuartaidheacht' an t-áirneán seo pé'r bith céard a bhain dó. / Ag imeacht ag déanamh cuartaidheacht' ar fud an bhaile atá sí sin i leabaidh áird a bheith aice ar a teach / Déan do ghoradh = téigh thú fhéin / Suidh síos agus déan do ghoradh / Rinne sé a ghoradh. Sin é an méid. Ghread leis aríst / Déan do reasta = leig do scíth / Breagh nach ndéanann tú do reasta? Cé'n chruadhóig atá ort? / Déan deifir (: deabhadh) = deifrigh / B'fhearr dó deifir a dhéanamh / Déan deifir leis an bpláta sin agus tabhair dhom é / Rinne sé spaisteoireacht indiu = siubhlóid / An ndéanfaidh tú aon-spaisteoireacht trathnóna? / Rinne tú scríobadh air sin = scríob tú é sin / Rinne mé codladh aréir = chodail mé aréir; chodail mé go maith aréir / Ní dhéanfaidh mé aon-chodladh anocht, tá faitíos orm. Coinneochaidh an tae sin ó chodladh mé / Dhéanfá an oiread codlata le tuairgín (: tuailgín) dá bhfágtaí ann thú / Is beag 'e chodladh a rinne mé chor ar bith aréir. Níor tháinic isteach dhíom nó go raibh sé in a ghairm na gcoileach / Ní fhéadfainn aon-néal chodlata a dhéanamh anois dhá naomhtaí mé. Dheamhan é / Rinne sé intinn eile = shocraigh sé rud eile a dhéanamh; shocruigh sé a mhalrait de rud a dhéanamh; d'athruigh sé a intinn / Tá sé bog te ag dul ann anois, ach feicfidh tú féin air, go ndéanfaidh sé intinn eile roimh thrathnóna, agus nach ngabhfaidh sé ann / Bhí sé ag strócadh ag iarraidh tae ar ball. Ní féidir go bhfuil intinn eile déanta aige ar an toirt. /[Ná tabhair áird ar bith air sin. Tá sé mar sin anois, ach ní fheicfidh tú chúig nóiméad go ndéanfaidh sé intinn eile. Ba mheasa an té a thiubharfadh áird air ná é féin]/ Is diabhaltach nach seasfá ar aon-rud amháin agus gan a bheith ag déanamh athrú intinne 'chuile phuínte. Is deacair d'aonduine fios t'intinne -sa a bheith aige ar chuma ar bith, mar níl sé agad féin /[Ní féidir gur ag brath ar intinn eile a dhéanamh a bheadh sé]/ Rinne sé grádh-diadha / Ní dhéanfá an oiread sin de ghrádh-diadha agus go dtiubharfá dhom é / Is maith uaidh mochóirighe a dhéanamh / Shílfeá go bhfuil tú ag déanamh mochóirighe le seachtain / Rinne sé fiadhach indé = bhí sé ag fiadhach, bhí sé scathamh maith ag fiadhach / An ndéanfá seilg? / Nach rinne (: ndearna) sé iascach le goirid / An ndéanfá lá iascaigh / Rinne sé magadh dar mo choinsias /[Is maith uaidh magadh a dhéanamh]/ Má ghníonn sé tada, déanfaidh sé an ghnaoidheamhlacht, mar a ghníos sé i gcomhnaí / Rinne sé 'chuile shórt ach an ghnaoidheamhlacht muis / Déan cuíbheamhlacht anois, agus ná feiceadh 'chuile dhuine agad é. / Muise tá a fhios agad go

maith nach hí an chuíbheamhlacht a rinne sí ná tada dhá shórt. Mo léan géar, fuair tú amach é / Má ghníonn sé an chneamhaireacht íocfaidh sé ann / Bhí sé ag déanamh cliúsaidheacht' eicínt léithe thíos chois an chlaidhe /[Is maith uait cúirtéaracht a dhéanamh, mara bhfuil tú in don tada eile a dhéanamh]/ Déan do chríonnacht a mhic ó = an rud ceart, nó an rud is goire do do bhealach féin; an rud a rachas chun sochair duit féin. / Rinne tú do chríonnacht 'nuair a chuir tú an t-aona hairt sin uait. Dhá bhfaghainnse tuitim imeartha, chriog-fainn istigh in do ghlaic í / Má's leat do chríonnacht a dhéanamh, pósfaidh tú anois / Déan do leas / Go dtugaidh Dia dhuit do leas a dhéanamh ar aon-chor / B'fhearr le 'chuile dhuine go ndéanfadh sé a leas ná a aimhleas / Duine ar bith a thiubharfas comhluadar di sin, ní dhéanfaidh sé a leas / Ní minic leis an gceann céadna an gheanamhlacht a dhéanamh, ach an oiread le scéal / Rinne sé faillighe. / Ná déan aon-fhaill -ighe / Déanfaidh sé sin siléig má fhágann tú faoi é. 'Sé atá deas air / Rinne mé cruadhchan in aghaidh na h-anachain. 'Sé a raibh le déanamh agam é /[Ná déan carghas anois, má tá tú ag breathnú ar phórtar ag dul amú féin]/ Rinne sé carghas 'nuair a chonnaic sé an bainne dhá dhórtadh. Ba mhór an carghas é freisin / Tá sé ag déanamh suirghe faoi láthair / Is minic leis. Ní fhaca cuid againne ariamh é nach ag ag déanamh fuasaoid' a bheadh sé /[Má chloisimse thú ag déanamh níos mó fuasaoid' anocht, seolfaidh mé siar a chodladh thú]/ Rinne sé casaoid (clamhsán) nuair a chonnaic sé an rud sin / Níl léigheamh ar bith ar a ndéanann sé de bhiadáin / Ag déanamh biadáin a chaitheas sí a saoghal / Déanfaidh sé scrios (ár, clampar, raic, slad, damáiste, mísc, mí-stáid, drúis, díoghaltas, míonós agus rl.) / Níl cinneadh ar bith len a ndéanfaidh sé de chaint má leigeann tú leis / Rinne sé caint mo léan! / Ná déan níos mó cainte anois. Tá fuighleach ráidhte agad / Ní mian leis gan an chaint a dhéanamh uilig é féin / Rinne sé cluain = chuir sé cluain ar dhuine eicínt; bhain sé mealladh as duine eicínt; rinne sé rud mealltach eicínt / Ná tabhair aon-áird air sin. Ní beo é mara mbeidh sé ag déanamh cluan'. / Tá tú ag déanamh bréag / Má dubhairt sé é sin rinne sé bréag / Ma ba liom gan bréag a dhéanamh ní fhéadfainn an mionna a ghlacadh / Tá tú ag déanamh na mbréag ó a chaithfeas mé a rádh leat anois / Níl aon-

mhaith dhuit a bheith ag déanamh bréag mar sin / Is beag 'faitíos roimh Dhia agad a bheith ag déanamh bréag mar sin / Ní dhéanfaidh mé aon-bhréag, déanadh a rogha duine a rogha rud / Nach maith uaidh an bhréag a dhéanamh th'éis cho diaganta agus atá sé má's fíor dhó fhéin / Déan an fhírinne = innis an fhírinne /[Leis an bhfírinne a dhéanamh, níl a fhios agam cá ndeachaidh sé = leis an bhfírinne a innseacht]/ Leis an bhfírinne ghlan a dhéanamh chonnaic mé dhá bhualadh é / Fuair tú amach muise cé a dhéanfadh an fhírinne. An fhírinne as clár na mbréag! / Déanfaidh sé siúd an fhírinne, dá gcrochtaí é /[Níl aon-ghnatha ag fear a dhul faoi mhionna mara leis lom-chlár na fírinne a dhéanamh]/ De dhéanta na fírinne (déanta na fírinne), níl a fhios agam cé hé féin = leis an bhfírinne a dhéanamh; for a fact, as a matter of fact / Déanta na fírinne (D'aonta? D'ionganta?) chuaidh sé amach an uair sin, agus ní fhaca muid ó shoin é / Dhe dhéanta na fírinne, tá an t-airgead agam, ach tá faitíos orm scaradh leis mar b'fhéidir go dtiocfadh éiliú air aríst / Déanta na fírinne ní dhíolfaidh mé iad go sásuighidh mé mé fhéin go maith. Tá an iomarca caillte agam leo, len a leigean uaim ar bheagán /[De dhéanta na fírinne, phósfainn í an uair sin, ach ní raibh sí féin sásta, aindeoin gur shíl 'chuile dhuine gur mise a chuir suas dise, ach ní mé]/ Leis an gceart a dhéanamh, measaim nach bhfuil sé ar fóghnamh chor ar bith = leis an bhfírinne a dhéanamh; len a cheart féin a thabhairt do gach uile dhuine / Níorbh é ba(s) cionntaighe leis an gceart a dhéanamh ach mé féin nachar thug uaidh é nuair adubhairt sé liom é. Dhá dtugainn bheadh agam / Ní itheann sé mórán leis an gceart a dhéanamh, ach is tanálach é. / Ná cuir a mhilleán air. Ní hé a rinne é leis an gceart a dhéanamh, ach an dream thiar / Ní raibh ólta aige thar dhá phionta leis an gceart a dhéanamh, ach dhá mbeadh cúig nó sé de phiontaí caithte aige, b'olc an peata a bheadh ann // Rinne sé clann = chionntuigh sé le bean / Rinne sé clann le inghin Ch. / Tá sé ag déanamh cloinne ar a táirm / "Hébrí cé a rinne an chlann, ar chois chám thall a leagadh é" / Rinne sé páiste (peata raithnighe, mac suirghe, mac tabhartanais etc) léithe / Má sé a rinne an chlann, breagh nachar chuir siad faoi ndeara dó a pósadh. Ní raibh siad indon th'éis a raibh de ghlaodhmaireacht aca / Mara ndearna sé an clann, ba diabhaltaí gurb air a buaileadh é / An té a

dhéanfas clann go mí-dhlisteanach mar sin, foillseochaidh Dia é féin air / Tá sé dhá déanamh = fear agus é ag comhriachtain le bean, nó ag dul uirre / Tá sé dhá déanamh thoir annseo ó mhaidin / Déanfaidh sé thíos anois ar an gcúlráid í / Bhí asal an tincéara ag déanamh an bheus (: Bess ? fc. Bess) se'againne thíos imbóithrín an chladaigh indiu / Bíodh eachmuirt uirre nó ná bíodh, ní dhéanfadh an stail í / Bíodh unsa céille agad. Síleann tú gur choinnigh tú mádraí uaithe. Deirim-se leatsa nach raibh aon-mhadadh ins an tír nach rinne (: nach ndearna) í / Níor leig mé chuice ach an chú sin thiar ag S. Rinne sí trí h-uaire í. Shílfeá nach uaithe na madraí in a dheidh sin / Thug an tarbh trí léim di, ach ní dhearna sé ach uair amháin í. Thug sí laogh léithe mar sin féin / Dhéanfadh an ceann céadna cut. Bíonn an-rachmall air / Tá sé ag déanamh a shlaite (: asal, capall, madadh, duine, agus rl) = borradh agus síneadh ag teacht in a shlait / Tiubharfaidh sé léim eile di. An bhfeic-eann tú ag déanamh a shlaite aríst é / Tabhair cead dó a shlat a dhéanamh. 'Ar ndú' ní ag iarraidh é a chur suas uirre as cosa i dtaca a bheitheá. Tabhair ionbhadh dó. Tiocfaidh an-tsearrach uaidh sin / Déarfainn go bhfuil madadh eicínt in aice láithreach faoi adhal an chaoi a bhfuil Toby se'againne ag déanamh a shlaite le cupla lá / Nuair a leigeadh aice é, ní dhéanfadh sé a shlat chor ar bith. Thosuigh sé ag smúracht thart, ach shílfeá gur coimhigheas a ghlac sé léithe, nach ngabhfadh sé in a goire. Tarbh gan mórán maitheasa é sílim; aindeoin lán laidhre a thabhairt air. / Bhí an madadh crón sin ag P. N. i nglas, agus scata eile aca ag glafarnach timcheall air, ach 'sé'n áit a raibh an coileán beag seo agam féin, i bhfus i ngleann an Fh. ag déanamh a shlaite ar an uaigneas. Is cosamhail nach leig-feadh an faitíos dó, a dtaobhachtáil / Is fear in anchaoi anois é, ag imeacht síos annsin ag déanamh a shlaite in a bhríste. Nach diabhlaí túatach an conuas é thar dhuine ar bith. Níl sórt cuíbheamhlacht ar bith ag imeacht leis / Rinne sé méanúch = leig sé méanúch / Rinne sé cnead, (osna, braoim, tufóg, ruagán, taosc (bhuinnighe), agus rl.) = leig sé / Déanfaidh sé cneadghail anocht, ach a gcloisidh é sin / Déanann sé osnaighil go leor / Rinne sé a mhún. / Fan go ndéan-aidh mé mo chuid fuail / Rinne sé a chac chois an bhóthair as comhair an tsaoghail / Rinne sé caoineacháin / Ní dhéanfaidh sé gol ar bith, má

innsigheann tú dhó go ceart cuíbheamhail é / Déanfaidh sí caoineadh ach a bhfeicidh sí é sin / Rinne sé gáire agus gáire croidheamhail ar innseacht an scéil dom / Mara mbeadh agad ach aon-gháire amháin, chaithfeá a dhéanamh dhá bhfeictheá ag teacht amach é, agus é cho maolchluasach le madadh a gcuirfí díbirt air / Déanfaidh sí gáire nuair a gheobh-as sí an leitir sin. Diabhal bréag nach ndéanfaidh. / Ná déan gáire ar bith. Choinnigh stúaim ort féin go bhfeicidh tú céard adéarf -as sé / "'Nuair a bhíos an gáire dhá dhéanamh, bíonn an caoineadh dhá bhreith" / Rinne sé strainc (streille, cáir, straois agus rl.) nuair a chonnaic sé é / Ná déan strainc mar sin. Shílfeadh chuile dhuine, gur olc atá ort / Rinne sé cáir ó chluais go cluais. Nach hé a bhí sásta. Déarfá go ndéanfadh sé sin gáirí leis an olc // Ní dhearna sé foras ná suaímneas ach ag corruighe ar feadh an h-oíche = ní dhearna sé foras ná comhnaí agus rl. = ní dhearna sé foras ar bith agus rl. = ní dhearna sé comhnaí ar bith agus rl. / Déan foras = bí suaimneach = ná bí ag corraighe nó ag eirghe in áirde (fc. foras) / Ní dhearna sé filleadh ná feacadh ach siubhal anonn aige agus a bhualadh / Ní dhearna sé filleadh ná feacadh ach eirghe agus a dhul abhaile (fc. filleadh, feacadh) / Déan staidéar = bíodh staidéar ionnad = ná bí cho so-ghluaiste, nó cho corr-mhéineamhail agus atá tú / Ní dhéanann sé staidéar ar bith [níl baint ar bith aige seo le léigheann a dhéanamh. fc. staidéar] / Ní dhearna sé cor ná car ar feadh na h-oíche / Rinne a cheann liathachan = liathuigh a cheann / Is gearr ó a rinne a cheann liathachan mar siúd / Rinne a bhróga lobhadh ar fad = lobh a bhróga ar fad / Mara gcuiridh tú an "bicycle" sin isteach ó'n bhfliuchán déanfaidh sé lobhadh ar fad / Rinne a bhéal meall = tháinic meall ar a bhéal ar fad / Rinne a chois bráthadh thinn (: bró thuínn? bró thínn?) / Rinne a lámha faithneadhachaí as éadan / Rinne an lot braon (seile, bracha, ádhbhar agus rl.) / Tá a ghualainn ag déanamh ainfheol' anois / Rinne a mhéir cur faoi ionga / Rinne a ghlúin feiliún / Déanfaidh an gearradh sin droch-lot / Rinne a mhuineál nioscóideachaí = tháinig go leor nioscóideachaí ar a mhuineál / Déanfaidh an dóghadh sin puchóid. Séidfidh sé / Déanfaidh an chois sin at. Níor mhór dhuit ceirín a chur léithe / Rinne an balla (an chreafóg, na buird, na h-iomrachaí agus rl.) scáineadhachaí = scáin sé; tháinic sórt scoilteadhachaí ann (fc. scáine) / Rinne an talamh muirt le seachtain / Tá an bád ag déanamh uisce / Rinne an bád uisce orainn, agus gan aon-

ghalún taosca againn. Ba ghroidhe an scéal é / Tá an barríochtair (: i bportach) ag déanamh uisce fré chéile / Tá mo bhróga ag déanamh uisce / Rinne an t-urlár uisce nó gur cuireadh líméar faoi / Níl aon-mhaith dhuit teach a dhéanamh ins an áit ghleannach sin. Dhéanfadh sé uisce ar fad. Tá aghaidh an uisce air / Ní fiú do sheacht mallacht na ballaí "concrete" sin. Déanann siad uisce as cnáimh éadain a chéile / Tá tú ag déanamh uisce. Tuige ar leig tú an ceathairín sin thart gan snaoim (: snaidhm) a thabhairt dó = tá tú ag cliseadh le na cártaí. Níl tú ag cur ar do shon féin chor ar bith / Beodhuigh suas. Tá tú ag déanamh uisce. Tá sé ag sáthadh isteach faoi do smut 'chuile phuínte, agus gan uch ná ach ná éagcaoine agad / Tá na clárachaí sin ag déanamh mine / Rinne adhmad an tighe min ar fad / Ní dheasóchar an chathaoir sin go bráth. Nach bhfeiceann tú ag déanamh mine í / Tá a bhfuil d'éadaigh thuas annsin ag déanamh caonach liath / Nach diabhlaí gearr anois a bhí an bord sin ag déanamh caonach liath / Caitheadh glac leabhar isteach ins an seomra sin istigh anuiridh, agus rinne siad caonach liath in imeacht míosa. Is gearr an mhoill a bhíos orra, má bhíonn an áit tais chor ar bith / Rinne a raibh ann grándubh (fc. grándubh) / Déanfaidh an t-éadach sin ciomachaí gan mórán achair / Rinne an saoghal brachán ar fad le goirid = níor fhan cuma ar bith air; tá sé an-chorrach / Ní dhearna an saoghal brachán dáiríre gur thosuigh an cogadh seo / Rinne sé an-fhear / Déanfaidh sí bó bhreagh / Rinne na bróga mionús orm / Rinne an cóta mór sin ribíní le cupla mí = sceith sé ar fad / Ní dhearna garrdha N. Ph. aon-dubhachan fós / Déanfaidh na turnapaí sin buinneáin ar fad, feicfidh tú féin air / Déanann garrantaí bharr an bhaile lobhadh bán i gcomhnaí. Níl aon-mhaith a gcur / Ní fhaca mé aon-fhata ariamh ar an gcnocán sin nach ndéanfadh dóghadh-gréine / Tá mo chois ag déanamh loscadh sáile / Tá a shrón ag déanamh aon-chnap amháin / Rinne an balla sin leac = d'eirigh sé an-chruadh / Rinne an coirce creathnach ar fad = rod sé; níor fhan aon-maith ann / Rinne a raibh d'arbhar againn anuiridh gath-dubháin / Is gearr anois go ndéanfaidh an abhainn sin loch / Rinne an t-urlár lochán fola = chairthigh fuil amach ar an urlár nó go raibh sé mar bheadh lochán fola / Rinne an teach Bruidhean Chaorthann = thosuigh an-troid ann / Rinne an t-aonach cogadh dearg / Déanfaidh an teine sin caor ar ball / Déanfaidh na fataí piora má fhágann tú annsin iad = lobhfaidh siad / Rinne an cairrgín barrach i gcaitheamh aon-lá amháin = rinne sé an-tiormach / Meastú an ndéanfaidh sé aon-triomach, (aon aith-deal,

aon-scairteadh agus rl. / Rinne an mhóin an-triomach le dhá lá /[Ní dhéanfaidh an mhóin dubh sin aon triomach annsin d'fhuireasbhaidh plás ar foghnamh a bheith aice / Ní dhéanfaidh S. aon-bhiseach tá faitíos orm. Is fada liom atá sé ag dul dó]/ Mara ndéanaidh sé aon-bhiseach anois le teacht na h-uaire breagh, tá a chuid bisigh ar iarraidh / Measaim nach ndéanfaidh sé aon-eirghe choidhchin, ach b'fhéidir go dtiubharfadh sé scathamh maith leis mar sin /[Shíl 'chuile dhuine nach ndéanfadh sé aon-eirghe, ach nach maith go ndearna in a dheidh sin. Teigheann cuid mhaith thar bhreitheamhnas dochtúirí]/ / Is furasta aithinte air nach ndéanfaidh sé aon-bhail (aon-rath, de'n rath, aon-chúis agus rl. / Nac beag an mhéid a rinne sé = níor tháinig mórán méid' ann / Bhí an-ghealladh faoi, agus ní dheárna sé aon-mhéid in a dheidh sin / Tá an scurach sin thíos ag A. ag déanamh an-mhéid bail ó Dhia air / Mara ndéanaidh sé de mhéid thar agus sin, ní bheidh ann ach priompalláinín coidhchin / Tá an féar ag déanamh an-fhad ins na gleannta. Féar uaibhreach / Ná déan de mhoill anois ach thú a bheith réidh /[Ní dhéanfaidh mé aon-mhoill ach feadh agus mo ghnatha a bheith déanta agam]/ Rinne an mhóin sin creafóig agus caoráin uilig / Tá an barr-íochtair ag déanamh caoráin as éadan / Tá an ithir ag déanamh smúdair uiliog / 'Chuile bhalla dhá ndearna sé, rinne sé scoilteadhachaí / Ní fhaca mé aon-rud ariamh a rinne sclaigeannaí mar an bóthar sin soir le goirid. Is gearr nach mbeidh sé in araidheacht a shiubhal ag duine ná ag beithidheach / Ar an dá luath agus ar ól mé é, rinne mo theanga cairt. Chaithfeadh sé nach raibh sé ar foghnamh dhá réir sin / Buaileadh iarraidh chamán ar an gcluais air, agus rinne sí cuaille ar an bpuínte. Shíl siad nach dtiocfadh aon-éisteacht len a ló aríst innte / Rinne a phluic bulóg le at /[Má ghníonn sé báisteach anois, déanfaidh na casáin siúd puiteach, agus ní chuirfidh sib aon-fhód móna amach aríst an bhliain seo]/ Rinne sé spéice (staic, cuaille, caidhfte, staidhce agus rl.) i lár an bhóthair. Shíl sé gur taidhbhse a bhí ann /[Rinne an bhó mún fola]/ Rinne úth na bó cnap / Rinne a chroidhe gual dubh in a lár / Déanfaidh an chois sin droch-lot, mara dtapuighidh tú í agus a dhul roímpe / Ní raibh aon-chaora ag gabhail linn nach ndearna cnuimhe anuiridh. Cailleadh chúig cinn orainn, ní ag comhaireamh na h-anachain é / Tá an t-asal sin ag déanamh míola. / Déanann na capaill uiliog siodáin an bealach sin. / Níl a fhios agam nach ag déanamh péarsalaí atá na beithidhigh sin / Tá an madadh sin ag déanamh dreanncaidí = dreanncaidí ag cruthú in a chuid fíonnaigh / Is furasta aithinte ar a cuid cos go bhfuil sí ag déanamh brios brúin / Tá na h-éadaigh sin thuas ins an seomra ag déanamh leoin. Is gearr go mbeidh siad ó mhaith, ná rud ar bith eile

a bhéas caithte thuas annsin. / Tá sé ag déanamh creafóige anois le cupla bliain = básuighthe / Ná cuir bréag ar an duine bocht atá ag déanamh créafóige leis an fhad seo / Rinne na fataí bláth bán an-luath i mbliana / Is gearr anois go ndéanfaidh an t-arbhar sin bainne bán / Rinne an bóthar anoir aonach len a raibh de dhaoine air / Tá an fhairrge ag déanamh maoidhmeanna diabhalta / Rinne mo láimh búistiún / Rinne sí bolgán béice len ar ith sí dhó (: dhe). Ní raibh faitíos ar bith orm ach go bpléascfadh sí. Ba mhór an chontabhairt é, 'sabhálaidh Dia sinn! / Déanfaidh tú béiceadán má itheann tú a bhfuil annsin ar fad / 'Chuile uair a dteagann carr ar bith déanann an bóthar púir (: dheannaigh) / Rinne mé maide seaca le faitíos / Rinne sé créatúr le fuacht thuas ar an mbóthar indiu / Rinne sé amadán ar fad le píosa = chuaidh sé chun amadántachta; chun seafóide / Tá sé ag déanamh bruithlín ó a phós sé / Rinne an spéir bogha báistighe / Rinne sé an-fhuacht le scathamh / Rinne an talamh sin murloch le beagán blianta anuas / Déanfaidh an áit sin scrath-ghlugair, mara gcoinnighidh tú na clascannaí tóigthe / Bhíodh sí sin an-fháilidhe roimhe seo, ach rinne sí "búrla" ó a d'eirigh siad suas ins an saoghal / Rinne an madadh colg = tháinic colg air / Rinne sé dóigh dhá bharamhail (: fc. dóigh) // Rinne sé ithe ar chaoi ar bith = d'ith sé go leor / Nach hé a rinne an fheadghail! / Déanfaidh sé sin briseadh má fhaghann sé cead a chinn = brisfidh sé go leor rudaí / Ní dhéanfaidh na bróga sin aon-tseasamh / 'Sé a bháthadh a rinneadh / 'Sé a chailleadh a dhéanfar má fhanann sé annsin ar feadh na h-oíche. / 'Sé a mharbhú a rinneadh ins an deireadh / Má imigheann sé as ag an deich a chlog 'sé a chaitheamh amach a dhéan-tar / Mara bhfuil sé aige, 'sé a dhíol a rinne sé. Dheamhan ceo eile. / Dá mbeadh aon-phlé agad leis sin, 'sé do chur isteach i bpríosún a déanfaí / A ghoid a rinneadh. Is furast 'aithinte é / Dóghadh an pháipéir a rinne tú. Marab é, cá'il sé? / Ól an bhainne a rinne sé. Is measa é ná cut bradach / Ní dhéanfaidh sé tafann má fhaghaimse greim air / Rinne sé imirt ó mhaidin! Dar príosta rinne / Ní dhéanfadh sé leigean leis in a dheidh sin / Ní dhéanfaidh sé scuabadh ar bith go gcinnidh air / Hébrí cé'n chaoi a ngabhfaidh sé, ní dhéanfaidh mé a bhualadh ar chaoi ar bith / Rinne sé a leagan ar an mbóthar agus a chiceáil / Rinneadh a bhualadh isteach faoi'n mballa, agus dhá fhiacail a bhaint as / Déanfar a ghearradh má bhíonn tú in am / Rinneadh na bróga sin a cheann-acht ins an mB. / Dhéanfaí a ghreadadh dhá bhfaightí greim air / Déantar an geata sin a dhúnadh 'chuile oíche ar fhaitíos asail / Rinne sé é féin a

bhearradh annsin / Ní dhéanfaidh mé mé féin a ghlanadh go n-ithidh mé mo bhéilí / Dhá ndéantá é a leagan, annsin déarfainn go mbadh fear thú! / An ndéanfá an "bicycle" seo a mharcaidheacht go ceann an bhóithrín dom. Caithfidh mé féin fanacht indiaidh na mbeithidheach // Déanfaidh mé do chreach = marbhóchaidh mé thú; Cuirfidh mé do dhruim seoil thú / Déanfaidh sé siúd do chreach má bheireann sé ort ag goid na spíonáin / Déanfaidh mé do lá = déanfaidh mé do chreach = déanfaidh mé aon-lá amháin daot (: díot) / Rinne sé aon-lá amháin dó (: de) / Má fhaghann sé é sin amach in do dhiaidh, déanfaidh sé aon-lá amháin díot / Rinne sé créatúr (cac leicín, ciseach, agus rl.) dó (: de) = chuir sé droch-bhail air leis an mbualadh nó leis an gcoigilt a thug sé dhó / Déan píosaí de'n cháca sin (cuideannaí, sceidíní, giotaí agus rl.) / Rinne sé ciseach (cis ar easair agus rl.) dhe / Rinne siad sagart de'n mhac / Ní dhéanfaidh tú iongantas ar bith dhe (: dhó freisin) ach a bhfeicidh tú é / Déanann sé leas (maith, gar, soilgheas, oibliogáid agus rl.) dom / Ní gar mór duit é sin a dhéanamh / Rinne sé díoghbháil (dochar, míostáid, míonós etc.) dom / Rinne sé truaighe dhom / Déanfaidh mé comhartha dhuit / Rinneadh magadh (greann, spóirt, gáire agus rl.) faoi / Tá mé ag brath ar garrdha a dhéanamh as an lochan sin / Féadfaidh tú muírín a dhéanamh as an smúdar sin / Déanfaidh sé brabach asta nó is cinneamhaint air é / Rinne mé isteach ar Ghaillimh = tarraint air / Tá sé thar am a bheith ag déanamh ar an mbaile / Tá sé ag déanamh ar an sé = ag tarraint / Bhí sé ag déanamh ar am mharbhthach na h-oíche an uair a tháinic muid /[Sílim go bhfuil sé ag déanamh ar na cheithre scóir. Is fadó an lá ó dubhradh leis go mbadh gasúr é ar chuma ar bith! / Ní féidir go bhfuil sé cho deireannach sin. Tá sé ag déanamh ar an naoi]/ Chonnaic mé fear ag déanamh orm idir mé agus léas. Shíl mé i dtosach gur duine de mhuintir na dTamhnachaí a bhí ann. An uair a bhí sé tuairim agus leathbealaigh go dtí mé, d'ionntuigh sé soir adtuaidh. "Dar príosta" arsa mise, "is gearr go mbeidh a fhios agam cé atá ann … " /[Rinne sé orm agus scéin an diabhail in a dhá shúil / Má tá an t-achar sin agaibh le dhul, ní mhiste dhaoib a bheith ag déanamh air feasta]/ Tá sé ag déanamh ar an mb{ás} = ag tarraint ar an mbás / Chonnaic mé ag dul soir trathnóna é. Ag déanamh a{r} theach ósta eicínt a bhí sé is dóigh / Ag déanamh ar an gcailín atá sé seo siar. {Is} maith luath ins an ló! /[Bhí sé ag déanamh ar an gcontráth an uair sin. B{a} ghearr eile go mbeadh cruadhóig le solus / Meastú nach ag déanamh ar an {?} atá M. 'Seadh go siúráilte]/ Ní dhéanaim teanntás ar bith air (fc.) teanntá{s) /} Rinne mé dearmad air sin / Ní fheicfidh tú aríst é go ndéanaidh Dia

dearmad ort = ní fheicfidh tú arís é nó go ndéanaidh Dia Diarmuid dhíot (fc. dearmad, Diarmuid) / Tá sé ag déanamh faillighe (éagcóir, anchaoi míonós, mísc agus rl.) air / Dhá mbeitheá déanta ar an áit, ní iarrfá a fhágáil choidhchin = dhá mbeitheá taithighthe ar an áit agus rl. / Chaith mise trí bliana in aon-áit amháin i Londain, agus ní mó ná déanta ar an áit a bhí mé in a dheidh sin. Tá Londain ins an an-mhéid a mhic ó mo chroidhe / Dhá mbeadh sí ann go deo ní bheadh sí déanta ar an áit. / Tá sé in am aice anois a cuid uabhair a chaitheamh as a cloigeann agus a bheith déanta ar an áit seo feasta. Ach is deacair le bheithidhigh bradacha an tsléibhe sin, taithiú leis an gcladach. Dheamhan taithiú coidhchin 'fhad agus 'gheobhas siad ceirt ar thom! / Tá sé cho coimhigheach ar na daoine indiu agus a bhí sé an chéad lá in Éirinn ar tháinig sé 'th'éis go bhfuil sé in am aige feasta a bheith déanta ar na daoine /[Ní iongantas ar bith dhó a bheith mí-stuama agus gan é déanta ar an obair chor ar bith fós. Tóigfidh sé scathamh air a theacht isteach uirre. Is námhaid í an cheird gan a foghluim bíodh a fhios agad]/ Sliabhadóir í. Nach bhfeiceann tú siubhal fada an tsléibhe aice. Is fada go mbeidh sí déanta ar an gcladach, is fada sin /[Is contabhairt í an fhairrge nuair a bhíos duine déanta uirre féin. B'ait an currachóir é S. L. Ní bhfuightheá a leithide eile, dhá gcuirtheá slat ar sheacht bparáiste. Agus feacha in a dheidh sin, nach fánach an chaoi ar báitheadh é, an duine bocht …]/ Ní dhéanfaidh siad sin mórán cúis i gConndae na Midhe nó go mbeidh siad déanta ar an talamh agus ar an treabhadh. Agus is fada é sin. Is mór atá a fhios ag C. Sh. céard a bhaineas do chéachta go deimhin! Dá mbadh cloch a shínfí chuige agus rádh leis go raibh duine de Chloinn Mhac C. ag teacht aníos an bóthar … / [Sé'n diabhal dearg é mara bhfuil tú déanta ar an mbaile sin fós. Breagh nach mbrughann tú orra. Ní fhéadfaidh siad thú a ithe. Buail amach ar cuairt, agus déan teanntás orra. Chonnaic mise laetheamhail fáilidhe ariamh iad, ach tá an iomarca de'n phúcaidheacht ag siubhal leat féin ó a chaithfeas mé a rádh leat …]/ Droch-bhicycle é sin; nó go mbeitheá déanta air, ach ó a bheitheá, ní iarrfá a mhalrait go deo. Tá sé seacht mbliana agamsa anois, agus bhain mé an-cheart dó (: de). D'aireochthá buille trom é i dtosach, ach ní fhágfaidh sé ar an mbóthar choidhchin thú, marab é do chiontsiocair féin é. Sin rud amháin faoi ar chaoi ar bith / Deir siad an dream atá ag imeacht ins na báid aeir sin, nach mbeadh luighe ar bith aca le mótair ná le soithigh. Ní bheadh a ndóthain éascaidheacht' ionnta dóib. Chreidim gurb é an chaoi é, ó a bhéas

duine déanta ar rud ar bith, nach mbíonn aon-tsásamh aige ann dhá fhuireasbhaidh. Ní thuas ionnta sin ab fhearr liom a bheith mar sin féin, agus gunnaí móra ag loscadh leat de'n talamh /[Mara bhfuil sé déanta ar an scoil feasta choidhchin ná bac leis. Tá a chuid scoile ar iarraidh déarfainn. Dóigheadh sé a chuid leabhar agus fanadh sé ins an mbaile]/ [An t-aidiacht-bhriathar "déanta" a chuala mé i gcomhnaí ins na leaganachaí réamh-ráidhte i.e. déanta ar an scoil, déanta ar áit agus rl.] / Ní fhéadfá déanamh uirre thar dhuine ar bith. Tá sí an-dorcha = teanntás a bhrughadh uirre / M'anam gur beag an baoghal ormsa a dhul ag déanamh air sin, agus gan a fhios agam nach hé an chaoi a dtosóchadh sé do mo mhaslú. Duine ann féin é / Ní fhéadfá déanamh ar an sagart sin. Tá sé ro-ghalánta, ro-leitheadach. Mo ghrádh na sagairt nach raibh aon-ghoithtí aca thar dhuine féin. Ba gheall le fear de'n bhaile an t-Athair P. // Bhí déanta len a bhás = bhíothas cinnte go bhfuigheadh sé bás; síleadh nach raibh indán eirghe dó / Peaitch bocht, tá sé ar na preaba deireannacha.

Tá déanta len a bhás /[Chuala mé go raibh siad déanta len a bhás. Nach diabhlaí sin, agus gan ann ach fear óg. Má tá sé dhá scór, 'sé a chloch-neart é. Níl sé lá ná leiceann thairis]/ Is ait an mac é an saoghal gan "doubt" ar bith. Tá siad déanta len a bás anocht, agus nach bhfuil sé ach arbhú aréir go deireannach ó a chonnaic mé ag caitheamh léim fhada annsin thíos é, agus má bhí féin, níor náire dhó sin. Ní raibh aon-fhear annsin indon a dhul 'fhoisceacht 'mbeannuighidh Dia dhó /[Bhí déanta len a bás ag docht-úirí agus ag sagairt agus ag 'chuile dhuine. Eitinn a bhí uirre agus chuaidh sí go doras an bháis léithe ceart go leor. Ach an té nach mbíonn an t-imeacht air, dheamhan bás ná bascadh a theagas air. 'Sí atá sean-bheo indiu, agus is gearr go mbeidh inghin in a méid féin aice, bail ó Dhia agus ó Mhuire orra beirt / Ní chuirfinn suim ar bith annsin. Má tá indán eirghe dhó eireochaidh sé, dhá mbeadh déanta len a bhás ag dochtúirí na cruinne agus ag Feara Fáil. Beannacht Dé dhuit. Cé mhéad duine a chonnaic muid cheana a bhí tugtha suas ag dochtúirí, agus 'siad atá luath láidir indiu. Is fearr é Dia ná dochtúr ar bith]/ Tá déanta len a bhás. Níl aon-tsúil go dtiubharfaidh sé mórán leis an oíche leis. Tá srannán ann anois a chloisfeá go réidh socair amuigh ag céim na sráide. Chuaidh an ola air indiu / Is minic cheana a bhí déanta len a bás, ach tá sí sin cho cruadh-chúiseach le glas-mhíol Márta. Ní mharbhóchadh tada í sin mara bhfaghadh sí amluadh faoi dhroch-thuairt sneachta; sin nó reodh 'sa sioc /

[Is beag an t-iongnadh go bhfuil déanta len a bás, má's í an tsean-bhean seo thuas atá tú a rádh. Tá aois mhór aice, agus níor fhan lúb ar bith innte le goirid. Dhá bhfaghadh 'chuile dhuine an oiread saoghail léithe, ní bheadh aon-údar clamhsáin aca]/ Sin é an chaoi a mbeadh sé sin, ag ithe agus ag gearradh ar 'chuile dhuine, dhá mbeadh déanta len a bhás. [Ní fhaca mé a chuid siomsánacht ag aonduine i gcaitheamh an tsaoghail ariamh. Ach níl áird ar bith le tabhairt air. Sin é a bhealach. Dheamhan peacadh air]/ Tá déanta len a bhás. Leig de do chuid cumadóireacht' anois. [Dheamhan tinneas ná tromas air, má sin é do scéal. Nach bhfaca mé ag stolladh romhair é ins an ngarrdha ó dheas de'n teach indé, agus mé ag dul thart]/ Bhí sé ag déanamh an droch-cheann len a bhean /[Is fada an lá í ag déanamh droch-cheann leis an sean-fhear sin. Ní bheadh a fhios aice, cé a dhéanfadh an cleas céadna léithe fhéin fós, ná dheamh-an cuid d'fhios]/ Sin í an cailín a dhéanfadh an droch-cheann leat, marach go ndeacha tú roimpe in am / Déan deifir a chur leis sin amuigh, nó ní bheidh sé imighthe de'n tsráid go faoithin / Breagh nach ndéanfá deifir a chur leis, agus gan é a bheith ag fálróid thart mar sin i gcaitheamh an lae / Tuige nach ndéanann tú deifir a chur leis sin thuas. Mara ndéanaidh dheamhan a chos ná a chnáimh a bhéas amach as an ngarrdha sin go Lá Fhéil' San Seáin seo chugainn / Déan réidhteach leis an siúcra sin. Ní h-ionann anois agus an uair a raibh siúcra ann go barr-bachall / Mara ndéanaidh sib réidhteach leis an mbraon fuisce sin, ní riarfaidh sé lucht na sochraide. Níl maith ar bith agaibh-se ann, mara ndéanaidh sib flaisc / Rinne sé bréag leat. Rinne sin. Ní raibh sé ann, beag ná mór /[Ní dhéanfaidh mé aon-bhréag leat. Mé fhéin a stróic é]/ Céard a rinneadh leis an tsluasaid a bhí annsin. Ní fheicim chor ar bith le seachtain í / 'Séard a rinneadh leis an airgead faoi dheireadh agus faoi dheoidh, agus badh é a bhí a dhéanamh leis ó thús, tugadh do'n tsagart é, agus cead aige a rogha rud a dhéanamh leis / Meastú céard a rinne sé le mo rópa indé — mo ghad maoil; é a ghearradh in a dhá leith /[Déan do rogha rud leis agad féin is fhearr a fhios]/ Ná déan an rud leis a rinne Sh. Bh. liomsa: mo léine a stróiceadh treasna mo bhrollaigh ar fad. Dheamhan focal bréige ann / Mara ndúinidh tú do smut, déanfaidh mise an rud leat a rinne C. B. leis an tincéara: do shrón a chur isteach in do chluais / Mara n-eirighidh tú as anois déanfaidh mé rud leat: do phus a bhriseadh / Má chloisimse an focal sin as do bhéal aríst déanfaidh mé rud leat: beidh mé ag gabhail ort cho uain agus gheobhas mé teas in do chraiceann /[Déanfaidh sé rud leis go deimhin. Is beag dhá chuid gaisce é sin. Dhá gcaitheadh sé cur leis, bheadh

smideannaí beaga aige, deirimse leat.]/

Aguisín: déanfaidh mé leis = tiocfaidh mé leis = níl sé sáthach maith ar fad, ach déanfaidh sé cúis / Thug tú coróin dom. Déanfaidh mé léithe / Ná bac len a dhul dhá iarraidh. Tá casúr annsin. Déanfaidh mé leis /

'Gcuiridh Dia an t-ádh ort, déan-
faidh sé sin rud! /[Ba dual athar dó a bheith ar an sceaimhínteacht sin. Ar chuala tú faoi'n oíche ar tháinig an triúr aca anoir ó'n S. agus iad buailte ag duine eicínt. Bhuail aon-fhear amháin an triúr dearbhráthar. Ag teacht aníos in ucht Chnocán na gC. agus fios aca nach raibh duine ar bith ann le aon -tréas a chur orra, seas siad suas i lár an bhóthair. "'Séard a bhí le déanamh leis adeir T. "cor a chur in a mhuineál." "Agus an fíonnach a bhaint de phlaic a thóna le cic" adeir L. "Agus scian a chur ann idir builg agus barr-easnacha" adeir M." "Agus "summons" a thabhairt air ina dhiaidh sin." Ba dhin (: ba shin) iad an triúr "bullies" agad. Is suarach an t-iongnadh go mbeadh mac duine aca ag imeacht as a chranna cumhachta scaithtí]/ Déanfaidh tú rud go deimhin. Ar chuala tú ariamh é: is minic doicheall mór ar bheagán fearthainn. Sin é a fhearacht agadsa é. Gaoth-
taireacht uiliog thú /[Déanfaidh sé sin rud muis. M'anam nach ndéanfaidh, ná nach bhfuil aon-mhaith a bheith ag tnuthán leis ach an oiread]/ Déanfaidh mise rud leis: é a fhuagairt do'n phóilí má fheicim ag guairdeall tímpeall na h-áite níos mó é]/ Bhí rud a dhéanamh léithe: gan a leigean isteach annseo níos mó, má tá sí cho cabach sin / Tá rud a dhéanamh leis sin, rud a comhairleochas é, feicfidh tú féin air: gan an carr a thabhairt dhó níos mó. Déanadh sé dhá fhuireasbhaidh, mara bhfuil de mheas aige air ach sin / Tá rud le déanamh le fear ar bith a bhéas ar a cheird sin: cead óil a thabhairt dó go n-ólaidh sé an fheoirlinn deireadh. Annsin cead aige beatha a bhaint as a chrága / Bhí rud a dhéanamh leis sin: cúig nó sé de cheanna dá chuid starrógaí a chur síos in a bholg. Dhúinfeadh sin a bhéal, d'fheicfeá féin air /[Abair go bhfuil rud a dhéanamh leo: an rud a rinne P. Ph le asal an tincéara an uair a rinne sé foghail air: é a chur ar thaobh cúl a chinn i gclaise, agus créafóig a chur uiliog air, le nach mbeadh aníos ach a dhá shúil]/ 'Sé a dhéanamh leis é = sin é an gléas, an dearú, nó an cóiriú air = sin é an rud a thuill sé agus ba cheart a dhéanamh leis / 'Sé a dhéanamh leis é — é a chrochadh — ná duine ar bith eile a dhéanfadh a leithide de choir. Dhá dtugtaí cead a chos dó sin, nacharb fhurasta dhó a dhéanamh aríst / Cinc (: cuinc) a mhuiníl a bhriseadh: badh é a dhéanamh leis é, mar is dearg-scaibhtéara críochnuighthe é / An rud adubhairt tú ar baillín faoin gceann eile, badh é a dhéanamh leis-sean freisin é. Ro-mhaith a bheadh sé aige, duine ar bith a chuaidh i gcleitheamhnas a leithide

de chleas a dhéanamh ar chréatúr ar bith. Nachar bheag an tsúil le Dia a bhí aige! / Tuilleadh diabhail agus dúin (: deamhain) anois aca! 'Sé a dhéanamh leo é. Tá sé ag teacht ar ais ar a méis féin anois aca. Bíonn cothromacan síne na h-uaire ann adeir siad. Má ghníonn duine an éagcóir, agróchaidh Dia air é luath nó mall /[É a bhriseadh. Bhí an ceart ag an "mboss": badh é a dhéanamh leis é. Is maith an rud tamall le spóirt adeir siad. Ní raibh aon-mhaith aige-san ann mara gcaitheadh sé an lá ar fad in a chomhnaí, agus cé'n bhrigh, ach nach mba bheo é mara dteigheadh sé ag déanamh gaisce faoi]/ Chaith S. amach indiaidh a mhullaigh ar an tsráid é agus badh é a dhéanamh leis é freisin. Ní raibh aon-ghoir ag S. seasamh leis ní b'fhuide. Chaith sé an oíche ag ullúchan acrainn — an splíota bradach /[Cuirfidh an saghart amach ó'n damhsa S. B. agus má chuireann féin, 'sé a dhéanamh leis é. Ar ndú' duine ar bith a thiocfadh isteach ar t'urlár ins an gcruth sin, nach mór dhá fhonn a bheadh ort fhéin a chaitheamh amach. 'Cheal nach mbeadh?]/ D'ionnsuigh mé go binn é, agus má d'ionnsuigh féin, badh é a dhéanamh leis é. Tá a fhios ag mo chroidhe, nach bhféadfainn stuaim a choinneál ar an bhfoighid, agus an sclaibéaracht a chonnaic mé air fhéin. Chuir-feadh sé tonn-taoscach ar mhadadh, chuirfeadh sin / Dubhairt mé léithe a dhul agus móin a fháil ó Mh. ó bhí sí cho mór sin leis agus gur thug sí ar a bainis é, lá agus nacharbh fhiú léithe deoruidhe eile ar an mbaile a thabhairt ann. Dheamh-an tiomanta caorán a thug mise di. Nach raibh an ceart agam, nó nacharbh é a dhéanamh léithe é. / Tá sé ag iarraidh déanamh suas le inghin Mh. anois = tá sé ag suirghe léithe, nó ag iarraidh mórtas a dhéanamh léithe /[Is beag an néal air sin! Tá sé ag déanamh suas le C. seo thiar, ach ní le C. atá sé ag déanamh suas ach len a cuid airgid. Airigheann sé sparán teann aice]/ Nach bhfuil an cúpla sin déanta suas le chéile aríst. Má b'fhíor go raibh an brachán dóirtthe: Troid na mbó maol a bhí ann sílim / Sin é an lá a ndearna sé lom dearg an mhíáda — ní dhá roint leis é — an lá a ndearna sé suas léithe sin. Ní fhágfaidh sí bonn bán air nach n-ólfaidh sí. Is gearr ar a scóig siúd a chuid céadta /[Rinne siad suas le chéile aríst an t-am a bhfuair an mháthair bás. Go dtí sin, ní raibh siad ag beannú dhá chéile. Shílfeá go bhfuil siad ina dhá chuid déag le chéile anois aríst]/ Cá'id déanta suas í féin agus J. … Diabhal an féidir. Déanfaidh sí bún anois mar adeir an bádóir. Is fada í ag iarraidh duine eicínt a fhastú agus tá aice faoi dheireadh. Fanfaidh an liobaire sin mór léithe, mar chinn sé air féin aon-

chailín a fháil / Ní dhéanfaidh mé suas leis aríst go n-imighidh an ball dubh de'n fheadóig. Marach cho túatach agus a rinne sé féin é, b'fhéidir dhom, ach fanfaidh mé glan air feasta /[Tá sí i muinghín a croidhe agus a cruite ag iarraidh déanamh suas leis an bpóilí ruadh atá annsin thiar, agus gan é sin ach ag baint a ghaisneas aisti, agus ag magadh fúithe in a dhiaidh sin. Tá óinseoigíní ar an saoghal fós!]/ Ní stró duitse máistreás scoile a fháil, ach caithfidh mise déanamh suas le talmhaidhe eicínt a mbeidh dhá chráig mhóra gharbha uirre agus clár droma l'aghaidh an chléibhín! / Tá sé ag déanamh mór liom aríst = ag déanamh mórtais liom aríst = tá sé ag brughadh carthannais orm / Leig dhó anois. Nuair a imeochas an stuaic sin dhe, déanfaidh sé mór leat aríst. Fág faoi féin é. Ní fhéadfaidh sé a chaitheamh in do bhéal annsin choidhchin gur tusa a thosuigh ag brughadh air. /[Ba ghearr briste amach iad, an t-am a ndearna siad mór le chéile aríst. Tá siad mór ó shoin. Gheobhaidh tú bainis orra lá ar bith feasta. D'eireochadh dhuit. Nach col ceathar dise thú?]/ Sin é a raibh de shiocair aige, scáth na cupla focal sin adubhairt na gasúir! Níor bheannuigh sé dhom i gcaitheamh ráithe. Dheamhan ar bhfearr liomsa caoi dhó, ná gan beannú. Ní dhearna mé beag ná mór leis ó shoin / Ná déan beag ná mór léithe sin, ach leig thart í. Leig thart an fear aniar agus ní baoghal duit an fear anoir, adeir siad / Dhá mbeadh fonn air déanamh mór liom, b'fhurasta dhó, ach d'aithneochadh dall gan shúil nach bhfuil. Bíodh aige. Beatha do dhuine a thoil. Ní dhearna mise tada air. Má ghéill sé do bhréaga níl neart agamsa air / Ní dhéanfainn mór léithe dhá mbeadh Éire taobh léithe. Ba deas é m'fhéirín muis: scaoinn mhór fhada bhealuighthe, agus muineál corr-éisc uirre. Ba mhaith an dóigh í le t'ais ins an leabaidh maidin sheaca! /[An diabhal bocht muis, is furasta a díol d'fhear a thabhairt di anois! Dhéanfadh sí mór le duine ar bith a dhéanfadh mór léithe, ach is mór m'fhaitíos go bhfuil sí ins an ngearradh dhíob. "An tslat atá sean, ní fhanann uirre aon-mheas"]/ Bhí mé mór léithe, ach má bhí agus go raibh, ní fheadfainn déanamh sáthach mór léithe, len a pósadh — an uair sin go h-áirid. Bhí mo dhóthain aithmhéala orm aríst faoi, ach bhí mé aisti annsin. Níl a fhios, adeir siad, cé's fhearr an luathas nó an mhoill /[Ní túisce máistreas nua ann ná a dhéanas sé mór léithe. Agus ní túisce imighthe í, ná a bhíos sé ar an gceird chéadna leis an gcéad cheann eile. Cé'n bhrigh ach é thar am pósta aige. Tá inDomhnach!]/ Bhí sé ag déanamh suas an chunntais rómham = dhá "shuimiú" / Déan suas na figiúirí sin go bhfeicidh tú cé mhéad atá len íoc agam. / Rinne sé suas ar pháipéar annsiúd, cé mhéad teach ins an bparáiste. Tá as cionn trí chéad ann / Ní raibh aon-rath orm ariamh ag déanamh suas ag an scoil. Chinn "sums" ariamh orm / 'Ar ndú' má

chinn air an méid sin a dhéanamh suas níl scoláireacht air bith air, ná cuid de scoláir -eacht / Tá sé an-déanta suas = gléasta; gléasta go gáibhtheach nó go gairéadach / Casadh fear dom ag dul suas bóithrín an C. D. indiu agus é an-déanta suas, faoi "chollar agus tie" agus eile. Nímé cé a bheadh ann? / Tá mac annsin thoir ag S. Mh. C. agus tá sé cho suimeamhail, cho déanta suas agus a bheadh máistir scoile ann. Ach 'ar ndú' mo léan b'fhurasta dhó an leithead a thabhairt ó'n a mháthair /[Caitheann sí dhá uair dhá déanamh féin suas 'chuile mhaidin. Shílfeá gur inghin duine uasail í leis an ngléas a bhíos uirre. Diabhal a leithide de ghléas!]/ Chaill an déanamh suas siúd atá uirre pighinn mhaith agus a dhaoireacht agus atá éadach. Shílfeá go bhféadfadh sí a theacht le éadach ní ba tíreamhla ná é siúd. Is gearr uirre a bhfuil sí a shaothrú déarfainn /[Beannacht Dé dhuit! Is mó an déanamh suas atá ar an scráibín ná ar an duine uasal anois. Chonnaic mise an saoghal agus níl sé an fhad sin chor ar bith ach oiread, agus ní leigfeadh an náire d'fhear na tíre seo "collar" a chur air fhéin mara mbeadh posta ar foghnamh aige. Ach feicim anois iad, agus dheamhan agus móide luach a mbéilí a bheadh aca, agus tá "collair" orra cho leitheadach leis an té a mbeadh rud aige]/ Tá an déanamh suas air ceart go leor.
Shílfeá le breathnú mar sin air gur bó mhór é, ach níl de chur leis aige ach an ghaoth /[Bíonn siad cho déanta suas le "ladies" Dé Domhnaigh, ach dhá bhfeictheá lá de'n tseachtain iad, ní fhaca tú i gcaitheamh do shaoghail ariamh aon-tsraoilleannaí go dtí iad. Chuirfidís uais ort. Ach déanann siad sin an oiread oibre agus a dhéanfadh triúr fear ar bith]/ Is furasta aithinte uirre gur Punncán í. 'Bhfeiceann tú a bhfuil de dhéanamh suas uirre. Nach mbainfeadh an feisteas sin an t-amharc as do shúil / Is cuma cé'n déanamh suas a chuireas an ceann céadna uirre féin, ní chuirfidh sin aon-tslacht uirre in a dheidh sin. Tá sí mí-shlachtar ó Dhia agus ó'n saoghal / Is maith an t-údar é do thalmhaidhe, fear ar bith a chaitheas leath an lae dhá dhéanamh féin suas agus dhá shlíocadh féin: Is beag an dochar dhó náire a bheith air, agus a gharrdha in a churásach annsiúd thuas. /[Do dhuine gaedhealach mar é, diabhal mé go raibh sé an-déanta suas indiu, mara luadar pósta a bheadh air. Thiocfadh dhó gurb eadh freisin]/ Duine de chailleaichíní na Gaedhilge sin í. Ní bheadh aon-bhean tíre cho déanta suas sin. Ach dheamhan a fhios agam. Is measa mná na tíre anois ná mná an bhaile mhóir fhéin, go h-áirid ó tosuigheadh ag dul go Sasana / Tá rún siúbhlóide aige seo amach anocht agus an déanamh suas atá air. Feicim an aos óg anois cho gléasta trath-nóna de'n tseachtain agus a bheidís Dé Domhnaigh / Cailín Domhnaigh í sin anois. Mara chéile an déanamh suas a bhíos uirre Domhnach agus dálach cho maith le chéile. // Ní dhéanfaidh sé aon-stolpán dhe. (fc. stolpán) // Bhí sé ag déanamh lae an uair a tháinic sé = bhí sé in

a lá; bhí aithne lae air / Níor tháinig an "routálaidhe" bradach nó go raibh sé ag déanamh lae. Badhin (: ba shin) é a thráth le dhul a chodladh! / Déarfainn go bhfuil sé ag déanamh lae. Tá gileacht ag teacht ins an spéir sin thoir / Le déanamh lae a bhásuigh sé. Sin é i gcomhnaí an t-am, go bhfóiridh Dia orainn! /[An fhad agus a bhíos an áit sin oscluighthe, ní thaobhuigheann sé muid maidin ar bith go mbíonn sé ag déanamh lae. Ag imeacht le damhsa agus le ragairne a chaitheas sé an oíche]/ D'imigh mé as seo ag ceathrú do'n ceathair, agus bhí mé ag Árd na bhF. le déanamh lae. Ba maith an choisidheacht í, deirimse leat / Fanfamuid go ndéanaidh sé lá. Beidh muid ag baint coisméig as annsin. Ní aireochamuid é ach an lá a bheith againn /[Siúd é a dhéanfas muide: imeacht le déanamh an lae. Tá an bealach an-aistreánnach. Ní bheadh muid indon é a bharraidh -eacht de shiubhal oíche]/ Déanann sé lá an-mhoch anois. Is ar éigin a dhúineas an oíche chor ar bith. Ní bhíonn sé ach dorcha nó go bhfáinnighidh sé aríst / B'olc an éadáil é sin, dhá dteagadh duine dhá chlann inghean isteach aige le déanamh an lae, mar a theagas siad ag tuilleadh. Ach dheamhan blas de'n cheart nach mbeadh aige leo. Bean gan chuíbheamhlacht a chaithfeas an oíche amuigh mar sin / Meastú an bhfuil faoi lá a dhéanamh chor ar bith. Is fada atá sé. Shílfeá go raibh aige lá a dhéanamh moch go leor an tráth seo 'bhliain, agus gan ann ach an chéad mhí d'Fhoghmhar /[Rinne sé lá ag an ceathair a chlog indiu. Tá a fhios agam é, arae bhí mé mo shuidhe leis an lá, ag faire ar lachain]// Tá tú ag déanamh go h-óg, bail ó Dhia ort = tá tú ag breathnú go maith; tá tú ag dul chun cinn go maith le do chuid oibre; tá biseach ag teacht ort; tá tú ag déanamh go ceochánta / Cé'n scéal é? Ach níl aon-chall dom a fhiafruighe. Tá tú ag déanamh go h-óg slán a bhéas tú. Ach d'eireochadh dhuit.

Cé'n mhairg a bheadh ort! /[Tá sé ag déanamh go h-óg. Deir tú leis a chaitheas an lá ó mhaidin go faoithin amuigh ar an talamh ag obair. 'Sé'n gnaitheach é anois, agus daoine ag rádh nach ndéanfadh sé sin aon-bhuille maitheasa len a ló]/ Bhí mé ag déan-amh go h-óg a mhic ó, nó go dtáinic an leiciméara sin ag cur chomhairle orm, agus chuir sé as mo bhuille ar fad mé. Caithfidh sé fanacht annsin anois go dtí ambáireach. B'fhéidir go gcríochnóchainn ar maidin é faoin a bheith slán duinn]/ Cé'n chaoi a bhfuil an pósadh ag dul dó, ab eadh? Dheamhan lá clóic' air. Tá sé ag déanamh go h-óg. Neart nathaidheacht' aige, mar a bhí ariamh. /[Tá mairg air go deimhin! InDomhnach féin muise níl. Dar fiadh má chuaidh an ola air arbhú indé, tá sé ag déanamh go h-óg indiu. Ag strócadh ag iarraidh feola a bhí sé]/ 'Sib atá ag déanamh go h-óg bail ó Dhia oraibh! Ach is daoib is fusa, gan talamh gan tráigh,

{?} / Níl a fhios agam an ndéanfaidh sé sin na graithí nó nach ndéanfaidh. Tá barr ro-chaol air shílfeá. Ar a fhéachaint a bheidh a fhios é ar aon-nós /[Dhéanfadh sé sin na gnaithí ceart go leor; dá mbeadh cois len aghaidh ach níl. Ní minic le tada a bheith in san teach céadna]/ Ní dhéanfaidh sé sin na gnaithí ach an oiread. Tá sé ro-rithte. Dhá bhféadthá leigean leis déarfainn rud

eicínt / Is feasach duit go maith nach mbeadh aon-ghoir ag an scriú sin na gnaithí a dhéanamh. Ar an gcéad iarraidh tá sé ro-lag. Is maith láidir féin an scriú nach mór annsin / Ní dhéanfadh tada na gnaithí anois, ach dhá mbeadh an bhís atá ag an ngabha againn go bhféadfadh muid a chur isteach innte, agus chasfadh sin gan bhuidheachas é / Ma shíleann tusa go ndéanfaidh sin na gnaithí oibrigh ort, ach measaimse gur beag an baoghal atá air. // Ní dhéanfaidh sin gnatha chor ar bith duit, a bheith imighthe ó mhaidin go faoithin ar do chuairt, agus gan duine ar bith igcíonn an tighe = ní dhéanfaidh tú bun mar sin; ní thiocfaidh tú chun cinn ins an saoghal mar sin]/ M'anam nach ndéanfadh sé gnatha (gnotha) do dhuine a gharrdha a fhágáil annsin lá oibre agus a dhul ag breathnú ar rudaí de'n tsórt sin. Breagh nach mbíonn siad aca Dé Domhnaigh? /[Ní dhéanann sé gnatha d'fhear bhocht a dhul ro-mhinic go dtí teach an ósta. Má theigheann beidh sé siar leis]/ Má shíleann tú go ndéanfaidh an obair sin gnatha dhuit oibrigh ort. "A chomhairle fhéin do mhac dhantra" adeir siad "agus ní bhfuair sé ariamh níos measa" / Dhá bhfuirgheadh sé annsin dhá lá a shaoghail ní dhéanfadh sé aon-ghnatha ann. Ní ann a d'fheilfeadh dhó chor ar bith, ach istigh ar shlata na Gaillimhe in aice le séipéal eicínt in áit a bhféadfadh sé a dhul amach 'chuile Dhomhnach agus a "shais" uaithne air ag cur na ndaoine síos go h-áltóir / [Ní dhéanfaidh sé gnatha dhuit a bheith ag imeacht ag gabhail "Laddie ó Lee" ar chnocáin agus do chuid móna le baint]/ Is mór m'fhaitíos nach ndéanfaidh sé aon-ghnatha faoi nachar eirigh leis posta ar bith a fháil fós. Nach síl -feá go mbeadh sé in am aige cosamhlacht eicínt a chur air féin feasta / Bhí déanamh na ngnaithí ann dhá n-oibrightheá ceart é = dhéanfadh sé an obair a theastuigh agus rl. /[Caith uait an pionsúr sin, agus fagh oirnis eicínt a mbeidh déanamh na ngnaithí innte. Maidir le do sean-phionsuirín buinneach, b'fhearr liom mo mhéir ná é]/ Tá fear faighte agam anois a bhfuil déanamh na ngnaithí ann: J. Dh. Níl cinneadh ar bith leis ag deasú simléir /[Foighid ort anois, noiméad an chluig. An bhfeiceann tú barr an tsiosúir seo. Níl a fhios agam nach fearr a bheadh déanamh na ngnaithí ann ná in do scinín. Traoiáil é ar aon-chor]/ Caithfidh sé siúd pórtar a fháil. Níl aon-déanamh dá fhuireasbhaidh aige = ní fhéadfadh sé a theacht gan é; ní mór dó a fháil / Níl déanamh d'fhuireasbhaidh "bicycle" ag fear ar bith atá ag obair cho fada sin ó bhaile / Ó a chonnaic sé é, níl aon-déanamh dhá fhuireasbhaidh aige. Breagh ar 'sbáin sib dó é i dtosach. Nach raibh a fhios agaibh rud ar

bith a leagfadh sé sin a shúil air, nach mbeadh aon-choinneál uaidh air / Shílfeá go ndéanfadh sé gnatha maith dhá fhuireasbhaidh. Ach chreidim gur ag aithrist ar an gcuid eile de na boicíní atá sé. "Fág an tír nó bí ins an bhfaisean" arsa tusa // Sin í na h-Éamuinn déanta = tá gaol aice le na h-Éamuinn], agus is leo atá sí ag dul ar gach uile bhealach [b'fhéidir nach mbeadh an gaol ann scaithtí, ach go mbeadh an chosamhlacht an-mhór i gcruth nó i dtréartha i.e. 'Sé Debhelera déanta é = tá sé ag dul i gcosamhlacht díreach le Mac Uí Debhelera as a chruth. Is Máilleach déanta é = tá bealaigh agus tréartha na Máilleach uilig ag siubhal leis / 'Sé P. L déanta é: an spágaireacht cheanann chéadna, an bruas céadna agus go fiú agus an "'Muire muise" tá sé aige / Sin é muintir Ph. Th. Mh. déanta. 'Bhfaca tú an stiúir a chuireas sé air féin agus é ag innseacht rud ar bith dhuit? An stiúir chéadna a bhíodh ar Ph. Th. Mh. go ndéanaidh Dia grásta air / Nach mbeadh a fhios agad gurb é "Spairteog" déanta é. Feacha cho fearamhail agus atá an imeacht atá faoi / Sin é Hitler déanta. Bhfaca tú a shamhail ariamh ach é ó phictiúr Hitler. Ní bheadh a fhios ag duine cé'n "breed" a bheadh ins an dream céadna /[Níl ann ach malraichín ach is Curraoineach déanta é in a dheidh sin. Tá sé ag imeacht i ndoirse dúinte ag tóraidheacht scéalta cheana féin]/ 'Sé P. Ó. N. déanta é. 'Siad a dhá chupóig chluas atá air ar chaoi ar bith. Shílfeá go mbeidís siúd ins an mbealach air /[Is Árannach déanta í. Tá an-tslinn-eáin agus an-chlár droma aice, baile ó Dhia agus ó Mhuire uirre]/ 'Siad an mhuintir thiar déanta é. D'aithneochthá an truisle cheana féin ann, aindeoin nach bhfuil sé thar naoi nó deich de bhlianta. Agus ar thug tú faoi deara cho buidhe bealuighthe, agus atá sé / /[Diabhal fear beo a d'fheicfeadh é nach n-abróchadh gur tincéara déanta é. Tá an ghruaig agus an ceann aghaidh céadna air agus atá ar na M.s a d'fheicfeá ag dul thart annsin]/ 'Siad Cloinn nDonnchadha déanta iad clann L. sin. Faltanas mhuintir Laidhe agus buille feill Chlann nDonnchadha, a chuala mé ariamh. Is aca sin atá an buille feill ar chaoi ar bith. Bheadh an tsúil ar do bhois aca shul a d'aireochthá é / D'eile céard í ach bean Achréidh déanta. Ón a máthair a thug sí na bealaigh sin. As an Achréidh muintir na máthar frén a chéile. Ach shílfeá go bhfuil siad cho fada ins an áit seo anois agus go mbeidís taithighthe ann // Tá seol déanta aca anois = na seolta a bheith i gcrann; na seolta

a bheith thuas nó árduighthe ar fad. / Tá ceann na céibhe casta aice. Is gearr anois go mbeidh seol déanta aice. Má seadh féin tá cóir siar aca / Is maith gasta atá seol déanta aca, ach níl aon-mhaith ann. Tá an lagar ro-mhór. Níl flaim as aer /[Tá a gcuid seolta déanta aca anois agus níl clóic ar bith orra, mar beidh sí teann siar aca. Beidh pórtar ar na smuit ag na bádóirí sin fós anocht tigh Bh. na C.]/ Dhá thúisce anois dhá mbeidh seol déanta agaibh, is amhlaidh is fhearr é. Tá sí díreach ar an aighre. Ní aireochamuid soir é / Tá seol déanta ach í a phíceáil. Cheal nach bhfuil sí píceáilte annsin fós agad. Beidh I. Mh. Ch. scoithte againn shul a mbeidh sí trótáilte, píceáilte tacáilte agad. Níl a fhios agam nach mbeadh sé in am a dhul ag stríocadh aríst shul a mbeidh sí faoi réir agad. Breagh nach ndéanann tú deifir? Diabhal bréag nach maith an bádóir thusa! /[Dhá mbeinn in a thuilleamaí sin ní bheadh seol déanta go faoithin agam. Ba bheag an baoghal. Níl rath ná rioghacht leis. B'fhearr dhó gan a dhul ag plé leis an bhfairrge ar aon-chor. Ní fear fairrge é]/ Tá tú in éadan na dtéadrachaí sin le uair agus gan seol déanta fós againn. Nach bhfeiceann tú go bhfuil againn an ghaoth sin a thapú má's linn ceann cúrsa a dhéanamh anocht / Is mall uaidh an seol a árdú. Tóigeann sé cosamar uair an chluig air seol a bheith déanta aige. Ach is beag a thaithneochadh sé leis aon-locht a fháil air in a dheidh sin. M'anam gurb é atá anglánta //[Tá sé ag déanamh aithrighe / An té a dhéanfas aithrighe ní baoghal dó. Gabhfaidh sé go flaithis]/ Bhí a anam cho dubh le gual ceardchan ach má bhí féin, ba chuma sin, rinne sé an aithrighe / Tá sé ag déanamh anama (fc. anam) / Tá sí ag déanamh na Cásca ins an mbaile = ag caitheamh na Cásca; ag caitheamh laethantaí saoire na Cásca ins an mbaile / Rinne sé an Nodlaig ann anuiridh. Is fadó cheana nachar thaobhuigh sé iad / Déanfaidh mé an Nodlaig i mBaile Átha Cliath i mbliana sílim. Ní fiú dhom a theacht abhaile ar scáth cupla lá / Déanfaidh sí an Chingcís annseo linne i mbliana. Beidh trí lá aice / Ní chaithfidh mé go raibh maith agad. Tá mé ag déanamh an Charghais (: ag troisceadh an Charghais is minice adeirtear) / Bhí sé ag déanamh lághaidheachta liom (: fc. lághaidheachta) / Thosuigh an gadhar ag déanamh lufáire (: luthgháire) liom (: fc. luthgháire) / Tá sé ag déanamh aithrist' ar Sh. / Má ghníonn sé aon-aithrist ormsa ní rachaidh leis / Is deacair leis teanntás a dhéanamh ar aonduine / Is fada a chaith sé ag déanamh maitheasa dhom / Tá sé ag déanamh bioráin dom (fc. biorán) / Mara ndearna sib cheana é, tá sib as a dheanamh anois = ní eireochaidh libh a dhéanamh anois / Beidh sé gan déanamh muis, má's in do cleitheamhnas-sa a fhágfas sé é / Ní mórán le cois déanta a bhéas sé agaibh trathnóna = beidh sé déanta ar éigin /

Déan ionnfairt / Rinne sé é féin a ionnfairt ar an talamh / Rinne sé útam-
áil eicint nó gur leag sé a raibh ar an mbord / Déanfaidh sé bordáil eicínt go
dteighidh sé isteach ins an gclúid / Déanfaidh sé léimneach amach ar an urlár
[briathra nach dteagann de chlaochlódh aimsire orra, ach an t-ainm-bhriathar
amháin, baintear leas as déanamh leo mar bhriathar congantach] /

Déantús (Déanamh) = ainm-fhocal, fireann [baintear leas as i gcomhnaí le "maitheas"]
déantús [déanamh, déanta — Tá na trí leagan ann, ach is minice déantús ná déanamh ná déanta i
gcaint] = cumas, déanamh, fuinneamh, fonn, luighe le, luighteamas, fír, claonadh, díocas
gabhthach le obair nó le saothar, teacht aniar, miotal na h-oibre, caondúthracht.

Scread chasta air agad! Ní leigfinn isteach in mo gharrdha chor ar bith é. Níl aon-
déantús maitheasa ann, seachas aon-duine a chonnaic mé ariamh / Dhá mbeadh déan-
amh maitheasa ann, ní ag mháinneáil (: fáinneáil?) thart annsin ar feadh an
lae a bheadh sé agus a gharrdha thart cheal glantacháin. Fuair sé an saoghal ro-
leisceamhail ins an am a chuaidh thart; gan call dó buille ar bith a dhéanamh
'nuair a bhí lán tighe aca ann. Ach bainfear siar as é anois, ó tá sé in
a aonraic /[Ba deacair dhó aon-déantús maitheasa a bheith ann, mar sin é
an tóigeál a fuair sé. Bhí a athair féin amhlaidh. Ní dhéanfadh sé smeach
ó mhaidin go faoithin, dhá bhfaghadh sé duine ar bith len a dhéanamh ar a
shon. Ach d'imigh an saoghal sin a bhfuighfí daoine in a n-amadáin. An té
a ghabhas ar a shlainte anois, ní mian leis gan a luach a fháil, agus tá an
ceart aige]/ Dhá mbeadh déanta maitheasa ann, ní ag imeacht ina
liúiste (: leoiste) ar chnocáin a bheadh sé, agus a athair bocht agus gan siubhal
an bhealaigh ann le neart sclábhaidheachta /[Ní fhágfaidh an "dole" sin
déantús maitheasa ar bith ins an aos óg. Duine ar bith aca a bhfuil
aon-traidhfilín (: trifleeen) dó, níl aon-tsástaigheacht air a dhul ag
obair. Is fearr leis an díomhaointas 'fhad agus a bhéas luach tobac aige agus
luach céilidhe ins an oíche Dé Domhnaigh. Sháruigh sé gach agus a dtáinig
amach ariamh, feicthear dhomsa. Seo é an saoghal ar chuma ar bith
a bhfuil na daoine ag fáil a mbeatha ó Neamh / Cé'n chaoi a bhféadfadh
aon-déantús maitheasa a bheith ann, nuair nachar cuireadh fír na m{aith}
-easa ann an uair a bhí a cur ann. Ach níor cuireadh. An iomarca truaigh{e.}
'Sí an pheataidheacht sin a d'fhága é ins an gcruth a bhfuil sé, gan maith ga{n}
maoin / An té nach bhfuil déanamh na maitheasa ann, is beag an ghnatha atá aige
annsiúd. Siúd é an áit a mbeidh a fhios cé hé searrach na deagh-lárach. Dhea{mhan}
triúr ar do bhaile a sheasfadh ann uair an chluig /

Déan (tuilleadh)

Gheobhaidh rud le déanamh agus a theacht as a bhfuil air = gheobhaidh sé cnamh le creinneadh = gheobhaidh sé fuighleach le déanamh = is ar a chruadhchúis dó = rachaidh sé rithte leis = beidh sé cruadh aige / Fuair sé rud le déanamh agus an laogh a thabhairt ó'n mbó, th'éis a scil ionnta. Ach bhí sé leis ariamh ariamh gur thug sé uaithe é in a dheidh sin / Is fear é atá ag fáil rud le déanamh ar an saoghal seo agus a mhuirín a thógáil. Is beag an t-iongnadh sin. Tá dola mór air, agus gan thairis sin de ghaisce ar a bhfuil de shlí aige / Shíl mé go bhfuigheadh muid fuighleach le déanamh agus cois a leagan ar thalamh tirm go bráth. Bhí sé mór a mhic ó. Ní fhaca mise a mhacsamh-ail de lá ar fairrge ariamh. D'iarr mé míle uair ar Mh. rith cladaigh a thabhairt di, ach sé a dtugadh sé de shásamh dhom i gcomhnaí: "Coinnigh ort" / Tá sé naoi mbliana déag agus trí fichid ach is fear é a gheobhas rud le déanamh na cheithre scóir a bhailiú choidhcin. Thug sé anuas go mór le goirid, agus tá sé ag coinneál na leabthan as éadan anois, tá sineacht /[Thug sí rud le déanamh dom a tabhairt anoir chor ar bith. Ar an dá luath agus a bhfaca sí (: capall) an chéad-mhótar, d'ionn -suigh uirre ag bruimseálacht agus ag dul indiaidh a cúil, agus ba mhaith an dícheall dom a ceannsú chor ar bith. Agus bhí sí ar an gceird sin anoir ar feadh an bhealaigh]/ Gheobhaidh sé a dhóthain (a sáith, neart, cuid mhaith agus rl.) le déanamh agus a dhul go G. aríst choidhchin. Níl a fhios céard a déarfainn leis ó a tháinic árdú aríst air. Ní deagh-chos -amhlacht ar bith é. / Is bean i dteannta anois í. Gheobhaidh sí fuighleach le déanamh agus aon-fhear a fháil choidhchin ó 'chaith an "t-ógánach" seo thoir i gcártaí í, aindeoin an fhad agus a bhí sé ag tabhairt chomhluadair di. Tá na fiacla curtha go maith anois aice. Ba cheart di a bheith go h-árd ins na déaga agus fiche /[Thug sé rud le déanamh dó a thoidheacht abhaile aréir. Bhí sé tomhaiste go maith. "Bainne na h-easóige", 'd'eile!]/ Gheobhaidh sé a sháith mhór le déanamh feicfidh tú féin air agus an "bully" seo anoir a chur in aer. Ní chuirfidh sé in aer é, cho réidh agus a chuir sé an dream eile. Ní raibh ins na troideannaí eile sin dhó ach ag caitheamh dairteacha /[Gheobhaidh an lá rud le déanamh agus seasamh (: tirm). Tá an-smúit ann. Sin dubhach -an báistighe amach ar an bhfairrge. Dhá dtugadh sé traoiáil dhom a bheith ó'n bportach, dheamhan a n-abróchainn go bráth leis: "Rinne tú go dona é," ná cuid de rádh!]/

Dearg, Deargadh, Deirge, Deirgeadas.

Dearg: aidiacht: dath; scóllta, tóigthe, an-, dubh-, fíor- (in a réimmír roimh ainm-fhocal nó aidiacht-bhriathar), snuadhúil, lasúnta, críathn-uithe, fuiliúil, "daithte", go maith, go binn, go nimhe-neannta, ionntuithe (faoi fód, créafóig agus rl.)

Tá cosa dearga ar an spéir = sórt léasáin (fc. cosa) / Bheadh an saighd -iúr in a spól dhearg taobh thiar den ghunna gan aireachtáil = (fc. spól) / Is gearr go dtriomaí sé. Tá an coileach ag cur a thóin dearg amach = tuar aitealla. Tá an tóin dearg scathamh isteach san gclaise / Dhá gcuirtheá do thóin dearg amach anois, ní bhfuighidh tú aon-cheo dhe / Má theigheann an dubhán san mbéal dearg, sin ní fhágfaidh an breac = is furast aithinte an béal dearg ar bhreac, ar mhangach nó ar ballach cuirim i gcás /[Is diabhlaí mór an t-ionadh nachar imigh sé. Ní raibh frídín an dubháin i bhfastós chor ar bith, ní áirím é a bheith san mbéal dearg / Cloch dhearg uiliog atá san mbóthar ó Chruimghleann siar = clocha a bhfuil dath dearg orra. Cineál eibhir]/ Tá snáth dearg san móin sin. Dheamhan mórán gaisce ar mhóin ar bith a mbíonn siad innte = sreangannaí dearga ag dul thríthe / "Fear an cóitín deirg agus snáth dearg in a léine" (: gliomach) / "Saighdiúirín dearg i mbarr an chrainn: cloch in a bholg agus maide in a dhruim" (: sciocóire) / Liostáil sé san "arm dearg" (: arm Shasana) / "An t-arm dearg" fré chéile agus ní dhealódh ó chéile iad bhí siad cho líofa sin ag a dhul ag troid / Tugadh suas ag an mBeairic dearg é (: an Beairic a dtugtar Eglinton St. Barracks i nGaillimh anois air. Bhíodh sé ag arm Shasana roimhe seo) / Déardaoin Dearg é (fc. dia laetheantaí na seachtaine) / Tá glúineach dhearg ann (: luibh. fc. glúineach) / Sin péinne dhearg atá annsin = adhmad: red pine / Tá feamainn dearg isteach (fc. feamainn) / Tá fiabhras dearg orra sábhalaidh Dia sinn = aicíd, scarlet fever / Bhí sé in a chraiceann dearg = ní raibh falach éadaigh air; bhí sé lom nocht / Is gearr go mbeidh sé in a chraiceann dearg aríst muis ar shon na culaithín siúd. Ní sheasfaidh sí aon-ráithe amháin go deó dhó / Imigh leat a bhreóille agus cuir snáth eicínt éadaigh ort agus ná bí ag imeacht

in do chraiceann dearg mar sin. Shílfeá go mbeadh cuíbhiúlacht eicínt ionnad / Tá bárr dearg air = galra a bhriseas amach i naoineáin nó i ngásúir. Cineál aodha ar an gcraiceann atá ann / Dheamhan barr dearg ná bruitíneach ná leicneach ná rud ar bith dhá raibh ag imeacht ariamh nachar bhuail é seo againne. Is fada a chaith sé in a shnag / Rug mé ar iascán dearg = iascán a bhfuil dath dearg air a bhíos san gcladach / Chuir muid glac mheacna dearga i mbliana, ach loic siad. An ceann fhéin dhíob, níor tháinic / Ní thaithníonn an t-aer dearg sin liom. / "An t-aer dearg thiar (nó dearg dearg thiar adeirtear amantaí) gealach agus grian
An t-aer dearg ó thuaidh, bainne ag na bua'
An t-aer dearg thoir sneachta go fro (fraigh)
An t-aer dearg ó dheas mil ag gach (gax) meach" [tuara faoi dheirge an aeir] / Cuir an taobh dearg den scraith aníos = an taobh íochtair; taobh na creafóige /[Chuaigh sé ag cur ceaig poitín i bhfolach agus meastú nach hé an taobh dearg den scraith a d'fhága sé leis. Is deacair a bheith ag iarraidh maitheasa air sin, déarfá]/ Is gearr go mbeidh an taobh dearg den chréafóig len a chraiceann. Tá sé ar an leabhar ag an bhfiach dubh = is gearr gur thíos san talamh (: san uaigh) a bhéas sé /[Sin í an cailín atá indon an taobh dearg den talamh a chur aníos. Beannacht Dé dhuit féin agus do do sheirseach (seisreach). Cáid le dhul uirre sin (: tractor) í = tá sí indon an fód a chasadh; an talamh a treabhadh. / Ag cur an taobh dearg den ghruaidh in uachtar atá mé. Sin é atá mé a dhéanamh. = ag casadh fóid; ag cur fhataí / Tá sé in a chogadh dhearg (in a achrann dearg) = tá cogadh tosuithe; tá sé in a chogadh chorpara /[Shíl mé go mbeadh sé ina achrann dearg ach d'fhuaraigh an cúpla aca as in a dheidh sin, nuair a chonnaic siad nach raibh aon-fhonn ar aon duine a dhul ag déanamh eadarascáin / Beidh sé in a achrann dearg ar ball feicfidh tú féin air. In a chéile dóib muise agus nár ba réiteach dóib, gan dochar gan díobháil duinne!]/ Tá sé in a stoirm

dhearg = in a gheal-stoirm. Cineál "hurricane" / Sé'n fáth a dtugann siad stoirm dhearg uirre: dearg atá an gála agus an ghaoth. Chuala mé fadó é [Deirtear seo] / Tá sé ag teacht ina stoirm dhearg — in a chaor theíntí a mhic ó. Is gearr go gcaithfidh fastú a dhul ar an teach. Tá an bun-tsop ag eirghe cheana /[Tháinic sé in a stoirm dhearg orainn agus muid leath-cuain. Shíl mé nach srianfadh muid isteach go deó é. Bhí maoidhmeannaí a bhí cho mór le sléibhte ag dul tharainn. / Bhí an t-ádh dearg in do chaipín nachar rug sé siúd ort (= bhí an t-ádh críochnuithe ort). Dheamhan fata a changlóchthá le do loiseag! / Marach go raibh an t-ádh dearg in do chaipín, bhí do chnaipe déanta / Dheamhan brat pósta a ghabhfas air sin go deó dearg na díle = go h-éag / Ní dhéanfadh sé é go deó dearg na díle marach go bhfuair sé cúnamh, ná dheamhan déanamh! / Sé'n diabhal dearg é mara bhfuil riar a cháis aige féin, agus ar thriomaigh de mhóin i mbliana = is rí-mhór an t-íontas é /['Sé an diabhal dearg é nó bronnfaidh sé an cairrín sin oraibh anois agus a bhfuil faighte in a ómós aige / Tá an diabhal dearg air agus tuilleadh dhá n-abraínn é = tá an míádh mór air; is droch-fhear [fear ámhailleach, doscúch, greannmhar, fealltach agus rl] é. / Tá an diabhal dearg uirre má dúirt sí sin]/ Níorbh íontaí liom an sneachta dearg a fheiceál ná é = chuir sé an oiread íontais orm a fheiceál agus dá mba sneachta dearg a bheadh ann / Tá an clampar dearg air = tá an diabhal dearg air / Tá an bhuinneach dhearg orm inniu = droch chineál den bhuinnigh / Tá súile dearga aige = mar a bhéidís thar éis goil nó dhá mbeadh galra eicínt ag dul dóibh. Bíonn súile dearga ó bhruinn ag daoine / Bhí a dhá shúil cho dearg leis an splainc, maran ag gol a bhí sé / Tá éadan dearg aige / Éinín bruinndearg é ar nós na spideoige = a ucht nó a chliabhrach dearg / Bó druimionn dearg í / Gadhar coisdearg a bhí ann / Fear crobhdearg é = ball dearg ar a chrobh mar a bheadh ball bruinne ann / Éadach dearg -bhuí é / Bhí an t-iarann cró-dhearg aige i dteallach na ceardchan / Ní thaithníonn an spéir glé-dhearg sin liom. Tuilleadh glas-uaire atá uirre cheapfainn / Bhí an t-aer cró-dhearg ar fad trathnóna /

Madadh cróndearg atá aige / Fagh ruainne pháipéar dom a bhéas dubh-dhearg agus cró-dhearg nó go ndearga mé mo phíopa / Cuir an píosa páipéar sin san teine, agus bíodh sé dubh-dhearg agus cró-dhearg shul a dtuga tú dhom é … L'aghaidh mo phíopa! 'Deile! /[Seo maiste dhuit agus bíodh sé dubh-dhearg agus cró-dhearg shul a síne tú chugam é. Is maith liomsa mo chuid maistí a bheith ceart. [Deirtear rud mar seo amanntaí nuair a thugas duine maiste nó píosa pháipéar len a phíopa a dheargadh do dhuine eile len a lasadh san teine]]/ Chuir an gabha an t-iarann san teallach agus ba ghairid go raibh sé dubh-dhearg agus annsin cró-dhearg aige. [Thosaigh sé dhá lascadh ar an inneoin annsin agus, marar bhain sé dreas as ní lá go maidin é]/ Thug sé amach é agus gan é baileach dearg aige. Ní raibh sé ach cró-dhearg (: dath na fola mórán) agus thosaigh sé ar an bpuinte ag munlú an chrú. Ar ndú ní fhéadfadh an crú sin gan a bheith fabhtach, ach ba chuma san tubaiste leis siúd ó a bhí forú air cé'n chaoi a raibh sé, ach comhraíocht an chrú a bheith air chor ar bith /[Foighid ort! Ní mór dó a bheith cró-dhearg agus níl sé sé dubh-dhearg féin fós]/ Níl an teine baileach dearg (nó deargtha) fós / An bhfuil an píopa sin dearg agad (Ní dhéanfadh deargtha annseo), nó ar leig tú as é = é a bheith ar lasadh / Th'éis nach bhfuil sé ach deargtha agam, níl sé dearg anois aríst (: píopa) /[Coinnigh an píopa sin dearg, go bhfagha mé gail as / Tá sé an-dearg as a cheannaghaidh. Níl a fhios agam nach bhfuil braon caithte aige]/ Bhí sé dearg suas go bun na gcluas = lasta; aghaidh-náireach / Tá sí dearg snuadhúil = tá sí dearg lasúnta / Bhí an bruitíneach maoldearg amach thríd / An bhfuil siad dearg (: páistí agus an bhruitíneach orra)? … Mara bhfuil, níor chuir siad amach tríotha fós í /[Bhí mé maoldearg leis an mbruitíneach, agus mé ag tarraingt bhearta in a dheidh sin / Tá do chois an-dearg. Léas atá uirre / Tá sí an-dearg den domhan tímpeall an luit. Láimh bhocht í / Bhí a gruadh cho dearg leis an splainc le náire / Bhí a leiceann cho dearg leis an gcaor. Ní thiúrfadh sé deoir fhola le náire]/ Sin í ar chaoi ar bith a bhfuil an dá ghruaidh dhearg' mar rós aice. Tá slacht a codach uirre bail ó Dhia uirre / Nach hé atá craosach dearg. Tá a chuid

ag dul 'un maitheasa dhó sin ar chuma ar bith / Tá sé craosach dearg agus is diachta dhó sin ach an oiread le scéal. Sén an biadh san sruth fola a chuid sin. Nach mbíonn siad in árachaí 'chéile chuile ré solais? / Is tú atá círíneach dearg bail ó Dhia ort, ach is beag an dochar duit. Is maith é do ghreim, ní hé a fhearacht sin againne é /[Dar fiadh chaithfeadh sé nach raibh mórán meirse san bpríosún air mar sé atá círíneach dearg in a dhiaidh. Fuair sé a dhóthain len ithe ar aon-chor / Is maith atá an pósadh ag dul dó. Tá sé bruileach dearg. Má mhaireann dó is gearr go mbeidh sé in a dhamh]/ Má tá sé ag fuasaoid is beag dhá chosúlacht atá air. Sé atá bruileach dearg. Bhainfeá fuil as le dealg spíonáin / Tá go leor talúna dearg aige = curtha faoi fhataí, turnapaí etc.; treabhtha nó romhruithe / Tá sé dearg = páiste tóigthe in a bhléin nó in a mhásaí. / Cén uair ar h-athraíodh na pluideogaí ar an bpáiste seo go deireannach. Dheamhan é le dhá lá! Tá sé dearg uiliog an créatúr. Nach hé an náire bhruithte é / Níl puinnte san ló nach mbíonn sé dearg pébrí cén ghiollaíocht a gheobhas sé. An bhfeic-eann tú scólta uiliog anois é, th'éis nach bhfuil sé mórán le uair an chluig ó chuir mé balcaisí glana air // Nuair is dubh dóibhsean is dearg domsa = nuair a bhíos spéireataí nó triufasaí in a mámhasaí, heairteasaí nó muileataí a bhíos agamsa / Is dearg dom aríst. Seadh a mh'anam agus go tóin. Cé'n smál atá orm chor ar bith? / Ní mé an dubh nó dearg dom an babhta seo. Dearg a mhanam! Ní bhfuair mé dath an mháimh le uair an chluig /[Más dearg dom aríst d'imigh an diabhal orm. Agus seadh. Scráibeannaí muileataí agus hairteann-aí. Múchadh agus báthadh orra!]/ An bhfuil a fhios agad cén t-ainm a thug sé orm, ach bastard dearg (: níl aon-bhaint aige sin le dath a chuid gruaige, a ghné craicinn ná eile). Cáil sé agam an stríopach nó go ngiorraí mé leis? /[Má bheirimse i mbealach ná indearmad ar an mbastard dearg sin, bainfidh mé an t-anam as. Ní bheidh sé tada níos lú aige]/ Bhí sé dearg le fuil = é faoi fhuil ar fad / Las sé suas cho dearg le fuil, agus bhuail taghd é / Bhí an t-urlár fré chéile dearg le fuil ach a raibh an troid thart / Tháinic sé abhaile aríst agus a lámha dearg le fuil. 'Ar ndú' mara dteagadh ní bheadh a fhios ag na daoine go raibh aonach ar bith ann. Is faisean leis anois é. /

"An séamhadh bliain déag beidh Éire dearg le fuil
'San seachtmhadh bliain déag séard déarfas na mná: mó léan cá ndeachaidh
na fir" [giota den Targaireacht: Targaireacht Chuilm Cille] /
D'fhága sé annsiúd dearg in a chuid fola é [nó daithte in a chuid fola]
= chuir sé go leór fola leis / Mara n-eirí tú as do chuid aisiléaracht
anois, fágfaidh mé dearg in do chuid fola thú /[Bhí rud le déanamh
leis sin: ar an dá luath agus a n-osclódh sé a bhéal é a fhágáil dearg
in a chuid fola. Ba shin é an deasú air / Fuair sé dearg é = buaileadh
é; h-ídíodh rud eicint air; fuair sé an teanga; cumadh go leór bréag
dó; h-imríodh air agus rl.]/ Bailíodh leis anois! Fuair sé dearg é (daithte).
Ach a bhfagha sé amach gur dalladh é le bréaga, ní thaobhóidh sé muid níos
mó, agus dheamhan an fearr linn beirthe é / Gheobhaidh sé dearg é má
theagann sé in mo líon-sa go brách / Sé a gheobhadh dearg é, marach
cho h-éascaidh agus a leig sé leis féin. Ní bheadh aige ach malrait ar an
rud a thug sé féin uaidh / Ní shaorfainn Seán nach raibh láimh aige
ann, ach 'mo choinsias 's dar m'anam dá mbeadh a fhios agamsa go raibh,
gheobhadh sé dearg é / Shíl sé a thabhairt fúm dearg, ach ní dheachaidh leis.
Bhí mise réidh faoi na chomhair. Is togha scéiméara é /[Dhá mionnaíodh
J. go bhfaca sé ag bualadh an bhuille é, thiúrfaí faoi dearg é, ach
níor mhionnaigh. / Tiúrfaidh siad faoi na Gearmánaí dearg anois é.
'Ar ndú' is aca atá a dheis! Iad fhéin uiliog atá ann anois / Má
chloiseann sé choíchin gur tú a rinne é diabhal bréag nach dtiúrfaidh sé
fút dearg é. Beidh an chloch san muinchille aige i gcomhnaí dhuit]/
Tá úlla móra dearga ann = aibidh. / Níl na súgh salúin dearg fós. /
Ná h-ith na h-úlla sin. Tá siad ro-ghlas. Níor mhór dóib mí eile shul
a bheidís dearg / Tá sé faoi sheilíní ar fad agus iad dearg. / Bíonn rud
cho dearg le fuil, le rós, leis an splainc, leis an gcaor caorann agus rl. /
Ag plé leis an "dearg" atá tú ar an aimsir seo = feamainn dearg [
níl ann ach ainm magúil uirre] /

Tá an dearg-ghráin aige orm = an-ghráin ar fad [Tá dearg mar réimmír ainm-fhocal an-choitianta, ach ní chuirtear roimh aidiacht é. Dubh-mhór, dubh-láidír, nó fíor-mhór, an-mhór agus rl. adeirtear] / Sé mo dhearg-ghráin an cineál dráimh a leagas tú = cuireann sé olc orm / Sin dearg-bhréag = bréag mhór / Thug tú do dhearg-éitheach ! = ["Thug tú do dhearg" adeirtear go minic gan éitheach a chur ann] / Bhí dearg-náire orm / Dearg-dhiabhal críochnuithe é / Déanfaidh mé é do do dhearg-ainneoin = de do bhuíochas críochnuithe / Tá an dearg-olc aige de chuile dhuine ar an mbaile seo / Dhéanfadh duine soilgheas den tsórt sin dhá dhearg-námhaid / Sin dearg-thúataíl. Ní tada eile é / Fuair sé dearg-bhualadh annseo thoir aréir / Tá an diabhal ar dearg-mheisce (nó, ar a dhearg-mheisce) / Nach hé atá in a dhearg-amadán aca, má tá sé ag géilleadh dhóibh mar sin. Diabhal bréag nach bhfuil / Dearg-ghadaí (dearg-chimleachán, dearg-dhruncaera, dearg-bhacach, dearg-bhastard, dearg-mhurdaróir, dearg-scéiméara, dearg-shlíomadóir, dearg-rubálaí, dearg chluanaí, dearg-bhréagadóir, dearg-bhithiúnach, dearg-chladhaire, dearg-chantalóir, dearg-dhreancán, dearg-amhlóir, dearg-cheoláinín agus rl.) é = [Tabhair faoi deara gur le tréartha nach bhfuil ionmholta a chuirtear "dearg" mar seo i gcomhnaí)] / Rinneadh dearg-ár ann / Déanfaidh sé sin dearg-mhurdar shul a gcomhnaí sé / Tá dearg-scéiméaracht déanta aige ar chaoi ar bith / Tharraing sé dearg-achrann / Déanfaidh mé dearg-bhualadh mara gceannsuít -ear mé / Tá dearg-chluanaíocht ort. Sin é atá ort / Tá dearg-ghliondar air, faoi gur briseadh as mo chuid oibre mé [ach "tá an-ghliondar air (nó an-t-an-ghliondar, nó fíor-ghliondar agus rl.) faoi gur eirigh liom] / Dearg-leiciméaracht atá ag dul dó. Diabhal a mhalrait ariamh! / Dearg-bhligeáirteacht í sin. 'Deile céard í? / Rinne sé dearg-mhístáid tímpeall an bhaile cho uain agus a bhí sé ann. Ba mhaith an scéal don bhaile gur bhailigh sé leis / Déanfaidh sé dearg-mhísc mara ndonaí duine eicínt é // D'eirigh mé leis an dearg-mhaidin = an-mhoc (fc. deargadh) / An-mhocóireach é. Bíonn sé in a shuí leis an dearg-mhaidin i gcomhnaí. Ní leigfidh sé tada uaidh le maoilscríb ar bith / (Fc. freisin, dearg-laoch, deargán, deargadaol agus rl.) / Tá sé dearg-dallta [dearg-bhuailte, dearg-lottha, dearg-loicthe, dearg-chaithte agus rl.].

deargadh = ainm-bhriathar; ainm-fhocal; briathar.

deargadh = lasadh, snuadh, snuadhúlacht, luisne, scólladh, óthras de bharr an chraicinn a bheith tóigthe, dúachan talúna, talamh a chur nó a threabhadh, aibiúchan toraí.

Tá deargadh tiaraí ar an asal = nuair a bhíos an tiarach (fc. tiarach) ro-fháiscthe ar asal nó nach mbíonn sí luighteach ceart air, tóigeann sí é faoi bhun a dhriobaill agus bíonn sórt mairc air agus an craiceann dearg leis. Deargadh tiaraí atá air sin /[Bog an tiarach sin nó is gearr go gcuire sí deargadh tiaraí air / Is beag an dochar dhó deargadh tiaraí a bheith air agus cho cruadh agus atá an tiarach. Is mór an t-íonadh nach fadó a tháinic sé air / Ní féidir aon-tsrathar a chur ar an asal sin aríst go ceann aimsire. Nach bhfuil sé faoi dheargadh tiaraí ar fad.]/ Tá deargadh tiaraí air, agus na míoltógaí agus na cleabhair ag déanamh ballséire air. Seachnaig -í sib fhéin air. Má theangaíonn sib leis an leath deireadh chor ar bith aige, tosóidh sé ag bruimseálacht / Tá bean annsin thoir. Suaróigín bheag agus í cho sean leis an gceo, agus is geall le deargadh tiaraí atá ar a béal. Diabhal a bhfaca tú a shamhail ariamh ach é = brat trom lipstick /[Bhí an saol go maith ariamh nó gur bhuail an deargadh tiaraí puis na mná! Ach céard é siúd atá siad a chur ar a mbéal, nó an gcaitheann siad a bhaint anuas chuile uair a dteigheann siad ag ithe? Is gradha an saol é]/ Sén deargadh a bhí air a choinnigh ó chodladh ar feadh na h-oíche aréir é. Tá sé cho cantalach le dris ó a tháinic sé air = tógáil nó scólladh i mbléin agus ar mhásaí páiste (fc. dearg — aidiacht) / Níl a fhios agam beirthe ná beo céard a dhéanfas mé leis an deargadh atá ar an naoineán sin chor ar bith. Tá chuile shórt féachta agam leis agus is aon-mhaith amháin é. Níl sé ag imeacht in a dheidh sin / Is mór an tseanmóir thú. Breá nach ndéanfá foras uair eicínt agus gan a bheith ag diúgaireacht i gcomhnaí. Foighid ort anois, bainfidh mise an deargadh sin asad. Mo leanbh agus mo laogh thú! / Bhí sé in a shuí le deargadh na maidne [deirtear le "deargadh maidne" agus le "dearg-mhaidne" freisin: Fc. dearg-mhaidin] = leis an scairt-mhaidin;

an t-am a n-aithneóchthá luisne dhearg ag teacht san aer thoir leis an lá / D'eirigh mé le deargadh na maidne. Ba bheag le aithne lae a bhí air an uair sin /[Tháinic sé le deargadh maidne. Meastú cá raibh sé go dtí an tráth sin? / Ní mór dhaoib a bheith ag gluaiseacht le deargadh maidne. Tá aistir fada romhaibh / Tá sé in a dheargadh maidne. Is gearr an mhoill a bhíos ar an oíche chor ar bith an tráth seo 'bhliain / Ní raibh ann ach go mba léar dhom é ar éigin le dearg mhaidne, ach bhrath mé ar an toirt nach hé a mhalrait a bhí ann. Tugann sé an mhaidin leis i gcomhnaí ag teacht dó / Ara bhí aithne lae air, agus go maith. Bhí sé in a dheargadh maidne féin / Meastú cén meanmna a chas amach cho moch sin é le deargadh na maidne? A Dhia dhá thárráil muis! Tá cor eicínt le teacht ar an saol. Fear nach n-eiríonn go h-eadra lá ar bith!]/ Tá an-deargadh déanta aige = dúachan (fc. dubhchan); go leor talamh treabhtha nó curtha aige [faoi fhataí mangols, nó mar sin. Ní deargadh a déantar le ithir nó lorg ach spréidheadh:] / An bhfuil an deargadh déanta agad? Dar príosta is sclábhaí maith fir thú. Ní tada eile thú bail ó Dhia ort! /[Tá deargadh mór déanta an taobh sin soir, ach tosaíonn siad sin ar an Earrach luath. Is dóib is fusa. Is aca atá a dheis / Beidh mé réidh leis an deargadh anocht. Má bhíonn féin ní miste sin liom, mar ní gan anró é / Níl aon-ár go deo ach an deargadh atá siad a dhéanamh i mbliana. Ní chomhnóidh siad go mbeidh chuile fhód ag gabhail leo faoi fhataí. Bheadh ciall ina leithidí! / Ag deargadh leat i gcomh -naí bail ó Dhia ort! Ba cheart go mbeadh cúnamh maith anois agad air (: an churaíocht) / An fear a bhíos ag oscailt (claise) bíonn sé ag deargadh an bhuird ó thaobh, agus tá an bord le cur ar an iomaire eile; nó fear a bheadh ag casadh na bhfóid d'fhear an bhuird bheadh sé ag oscailt freisin = mar sin a chuirtear fataí le láidhe]/ Dearg amach an bord sin / An bhfuil an bord sin deargtha fós agad? / Tá sé deargtha go bun na gcluas = lasadh nó deirge ann / Dhearg sé suas go dtí na cluasa = tháinic lasadh in a cheann-aghaidh / Deargfaidh (deargóidh freisin) sé i gcomhnaí nuair a labhras

duine leis. Tá sé an-chuthal / Deargadh ó'n eitinn é sin. Chuala tú caint ar luisne na h-eitinne /[Níl call ar bith dhuit a bheith ag deargadh anois. Bhí tú in éindí léithe. Ní údar náire do bhuachaill óg ar bith speal a bhaint as geárrchaile!]/ Is deacair leo deargadh i mbliana. Ach ní bhfuair siad an ghrian = úlla ag aibiúchan / Níl na súgh salúin deargtha fós / Dearg é [píopa, toitín, teine, lampa, talamh, iarann, agus rl.] / Dearg suas an sean-dúda = las é ["redden the pipe" adeireas an chuid is mó de na Béarlóirí ar fud na Gaillimhe] / Cheal na bhfuil sé deargtha fós agad [toitín] / Tabhr'om deargadh = "give me a light" / Gheobhaidh tú dearg-adh as an bpíopa seo = tuitín a dheargadh as píopa / Iarr deargadh air sin anois. Tá "feaig" dearg (lasta) aige / Ní dheargfaidh an teine seo go sleibhe = lasadh suas; lasair a theacht uirre (: bheadh smiochóideachaí innti ceart go leór) / Nach deacair leis an mbodhrán (móna) sin deargadh. Tá sí faduithe le uair an chluig agus dheamhan cosúlacht crádadh féin fós uirre /[Do cheann finne ní chuirfeadh an spaidealach sin ag deargadh. Ach nach bhfuil sí in a bog eibhinn / Ní dheargfaidh sí leis an ola ach an oiread. Sé an chaoi a múchfaidh tú í. Leig di ar fad go fóilleach. B'fhéidir di scinneadh (: sceinneadh) amach ar ball]/ An ndeargfaidh mé an lampa = "an lasfaidh mé an lampa", is minice adeirtear, ach deirtear deargadh freisin / Dearg an lampa sin, agus ná bíodh muid in ar muintir Dhorchaí níos fuide / Dearg amach ceann de do chuid cipíní / Níl an choinneal ag deargadh ach an oiread leis an teine /[Dhearg sé cheithre feaig i mbéal a chéile / Cáid go mbeidh an t-iarann sin deargtha (san teine)]/ Chuir sé an t-iarann ar an inneoin agus gan leathdeargadh air / Ní dheargóidh an smután sin anocht. Is beag an baol air. Tá an iomarca fliucháin faighte aige / Dearg é agus comhdhearg é agus ná ruadhdhearg é (ró-dhearg é?): é a dheargadh go maith ach gan é a lasadh uilig (píopa, maiste, adhmad, iarann agus rl.) / Dearg agus comhdhearg an píopa sin dom /[Séard atá agad a dhéanamh leis an iarann sin a dheargadh agus a chomhdheargadh ach gan é a rua-dheargadh. Cuir san gcois annsin ar an bpuinte é]/ Mara bhfuil tada eile ar t'aire, seo cipín duit agus dearg agus comh-dhearg é, ach ná ruadhearg é, agus teirigh ag scríobhadh ar na ballaí

sin tímpeall leis / Seo píosa iarainn duit. Cuir isteach annsin i dteallach na ceártan é, agus dearg agus comhdhearg ach ná ruadhearg é, agus leag amach annseo agamsa ar an inneoin é, agus feicfidh tú féin air go ndéanfaidh mise fuireann deas cruithe dhuit l'aghaidh an chuit! = duine ag magadh faoi ghasúr / Tá sé deargtha agus comhdheargtha anois agad, ach ní fuláir dó a bheith ruadheargtha le go ndéanfaidh sé cúis / Dearg "an bord" sin = cuir fód nó créafóig air / Níl chúig shúileóig fhataí deargtha aige de bharr a lae. / Beidh an garraí ar fad deargtha aca trathnóna.
Is gearr orra é: forránaí luatha láidir' /[Dheargfainn an cúilín sin freisin marach cheal leasuithe. Níl an oiread ag gabhail liom agus a leasódh é. Nach bhfuil sin gann go leor anois! / I dteannta a bhfuil deargtha aige, cén diabhal eile atá aige? Purláin an tí agus na breaclachaí sin siar annsin / Is beag chor ar bith atá deargtha againn i mbliana.
Cupla póicín annsin thuas. Ní raibh an cúnamh ann le tada a dheargadh]/ Deargfaidh mé thú (deargóidh mé an smut, an t-éadan, an ghruadh agus rl. agad) mara leigidh tú dhom fhéineacht = "Dathóidh mé thú (le fuil) is mó adeirtear /

Deirge, deirgeacht: ainm-fhocla teibí buineann as dearg.
deirgeadas: ainm-fhocal fireann as dearg (: sé is coitianta de na trí cinn)
deirge, deirgeacht, deirgeadas: a bheith dearg, daithte dearg, snuadhúil luisniúil, a bheith tóigthe in do chraiceann nó scóllta.

Is beag an mhaith "starch" leis an deirgeadas a bhaint as naoineáin.
Sén chaoi a dteigheann siad 'un óthrais leis = tóigthe sna bléantrachaí / Tá sórt púdar eicínt dhá dhíol i dtíthe na ndrugaí i nGaillimh a bhainfeadh an deirgeadas sin as páistí ar an bpuinte / Is diabhlaí an deirgeadas atá san aer sin ó dheas. Gothadh toirní atá air / Nach ann atá an deirgeadas (: gliomach)? / Ní chuirfidh an dath sin aon-deirgeadas san ngeansaí sin duit. Dath buí a thiúrfas sé sin air /[Ní deirgeadas ceart é sin atá in a ceannaghaidh. Ní fhéadfadh duine ar bith a bheith cho lasta sin, marach go bhfuil sí dhá dathú féin / Chíthear dhomsa nach bhfuil deirgeadas ar bith ann thar mar is ceart dó a bheith ann. Má tá is le neart fuisce é. Dheamhan a mhalrait ariamh!]/ Níl deirgeacht

ar bith sna h-úlla fós. Tá siad roighin ag teacht isteach ach an oiread le rud. / Bhainfeadh an snuadh atá air bail ó Dhia air barr deirge den chaor caorann = tá a shnuadh cho dearg le caor caorann / Tá a cheann-aghaidh ar dheirge na splaince = cho dearg leis an splainc / Nach in a gruaidh atá an caor! Tá deirge na teine innte. / Ní fhéadfadh sí a bheith folláin agus an deirgeacht atá innte. Nach geall le pota fola í! Tá sí ro-otruithe freisin /

Deárna = ainm-fhocal; buineann; tuiseal geineamhnach uathaidh: dearnann.
uimhir iolraidh: dearnachaí.
Deárna = an bhos nó tosach na láimhe; tosach ná glúine agus tosach na láimhe; a bheith ar do ghogaide (: ar do dhearnachaí) [go minic]; [níl dearna féin i gcaint ach "croidhe na dearnann" "ar a dheárnachaí"]

Leag sé na h-ocht bpunt isteach i gcroidhe mo dhearnann. "Tá tú as a Mh." adeirim féin. "Chuirfinn geall gurb é an ceannaidhe cluaise — Bh. — a cheannuigh é" adeir sé. "Bíodh sé agad" adeir Bh. / Tá meanmnaí i gcroidhe mo dheárnann (: i gcroidhe mo bhoise). Go meanmnuighidh Dia deagh-scéala chugainn! /[Dhá mbeadh sé agam anois i gcroidhe mo dhearnann mar a bhí sé an uair sin, ní scarfainn leis. Dheamhan deich bpunt a gheobhas mé aríst i mbliana ar an mbulán sin. Tá beithidhigh tuithte an-mhór]/ Cá ndeacha an sé pighne sin? Bhí sé agam anois i gcroidhe mo dheárnann. An rud nach ngoidtear faightear é / Bíonn duine ag baint choirce ar a dheárnachaí [baint chorráin: ag imeacht ar a ghlúine] / Tá mé siongtha. Is mór an obair a bheith ag imeacht ar do dheárnachaí féin, ach is gearr go mbeidh sé bainte agam anois, agus ní miste sin liom /[Ag imeacht ar mo dhearnachaí atá mé ó mhaidin ag baint féar ascalla. Is meathta an cheird sin, arsa tusa]/ B'éigin dom imeacht ar mo dhearnachaí nó gur bhailigh mé soir an t-áirdín. Dá bhfeic-ead sé mé, dhéanfadh sé mo lá (: ag lámhacán ar a lámha agus ar a ghlúine) / [Má imigheann tú ar do dhearnachaí siar ins na raithneachaí, dheamhan a bhfeicfidh sé dhíot. Cuir bealadh faoi t'ioscadaí nó beidh sé in do mhullach. Corruigh leat a fhleascaigh!]/ Bhí sé ar a dheárnachaí = a bheith ar do ghogaide; a bheith ar do ghlúine agus thú in do shuidhe siar ar do shála. / Céard a bhí sé a dhéanamh ar a dhearnachaí thuas faoi'n sceich: maran ag scaoileadh cnaipe é! [ar a dhearnachaí a bhíos duine ag scaoileadh cnaipe] / Tá sé in a shuidhe ar a dheárnachaí = an dá láimh agus an dá chois faoi, ach ní raibh na glúine ar an talamh chor ar bith [bíonn duine ar a dhearnachaí, bíodh na glúine nó na lámha ar an talamh, ach ní abruighthear le duine a bhíos ag guidhe é] /[Chuaidh sé ar a dhearnachaí agus phóg sé an talamh trí nó ceathair dhe chuarta gan a bholg a leagan anuas air.
Rinne J. an cleas céadna naoi nó deich de chuarta. Anois b'fhéidir!
Cé mhéad uair atá tusa indon a dhéanta.]/ Marach an chaoi a dtáinic mé ar mo dhearnachaí bheadh mo smut briste. Chuir sé an-tuiric ionnam /

Deil, Deileadóir, Deilim agus rl. Deilín.

Deil: gléas a bhíos ag deileadóir, ag potadóir, ag cúipéara agus ag fir cheirde eile; turner's lathe; ba í an chéad inneal dháiríre í.

Deileadóir: fear dhéanta túirní: túirní eiteáin agus túirní sníofa. Thiúrfaí ar an té a dhéanfadh rothaí túirní go h-áirid é. Ghníodh sé priondaí ime freisin agus rudaí den tsórt sin. Bhíodh go leór aca faoin tuaith trí fichead nó cheithre fichead bliain ó shoin, ach is láidir má tá deileadóir ar bith anois ann ó a caitheadh na túirní in aer, go h-áirid na túirní lín.

Deilín: (i) ionntú nó casadh nó stangadh a bhaint as do chois nó as alt do mhéire (méar na coise). (ii) siomsán; somsán; a bheith ag síor-rá na cainte céanna; seóraí áirid cainte a bheith ar siúl agad i gcomhnaí, fearacht ná n-achuinithe a bhíodh ag bacaigh agus ag mná bochta roimhe seo; (iii) píosa cainnte a mbeadh craiceann agus leagan uirre.

Deilim, dheileódh agus rl.: ceird an deileadóra; clár nó a leithide a shnuíochan amach, a phuinteáil, agus a chur faoi réir len a chur ag obair; cóiriú; gléas; cur síos; aithris.

Ar deil: ar fheabhas; foirfe; faoi réir; deisithe; plánáilte nó snuite

Dhá bhfaghadh sé deil, adeir sé, thóigfeadh sé an tubán dom. Shanntuigh mé a rá leis gur fada ón stuaim an stucaireacht, ach choinnigh mé faoi mo chúilfhiacail é in a dheidh sin. / Bhí deil thuas ag an gC. ach cá'il an té a gheobhas uaidh sin í. Níl aon-bhall oirnise ag aon-siúinéara ná ag aon-saor adhmaid istigh i nGaillimh nach bhfuil aige thuas annsiúd, ach do dhúshlán drann leo. Is gortach é an ceann céanna faoi rud ar bith dhá bhfuil aige / Tá caiseal an rotha briste agus níor mhór a thabhairt ag deileadóir. Ní bheadh aon duine eile indon an fleasc sin a dhéanamh / Gaelach a rinneadh an túirne sin, ach is fadó an lá é. Deileadóir a bhíodh thuas áit eicínt i Muigh Cuilinn a rinne í. Dheamhan deileadóir san tír anois / D'fheicinnse deileadóirí ar na h-aontaí roimhe seo ag díol

túirní agus rothaí túirní ach ní fhaca mé aonduine dhá ndíol anois leis an tsíorraíocht. Bhí mná aráin agus abhrais ann an uair sin, ach cá'il an bhean óg in do thír inniu a bhfuil a fhios aice le breith ar thúirne agus próiste a shníomh. Tuinnte fada na h-óinsí a bheadh in a diaidh, dhá mbuaileadh sí faoi / Níl aon-cheo ón deil amach nach bhfuil déanta aige = níl aon-cheo deilbhthe nach bhfuil sé indon a dhéanamh = duine stuama /[Ab é M. Sh.! Níl aon-cheó ón deil amach agus an deil féin nach ndéanfadh sé. Is mór an stuaim a gheall Dia dhó. / Níl aon-cheo ón deil amach nach bhfuil san teach siúd = teach deisithe; teach a bhfuil chuile ní ann dhá dteastóidh / Níl ball dhá dtáinig ariamh ón deil nach raibh annseo scathamh. É féin an fhad agus a mhair sé — go ndéana Dia grásta air! — bhí chuile shórt aige. An rud nach raibh sé fhéin indon a dhéanamh bhí sé ceannuithe aige. Ach chuaigh scaipeadh ar a raibh ann ó shoin. Is mór aca a thárlaigh sé seo thíos leis, ní dhá maochtáil air é! / Ara dheamhan blas ón deil amach nach bhfuil duine eicínt dhá bhfuil annsin indon a dhéanta. Breathnuigh ar na cuinneógaí agus ar na drisiúir atá aca / Is cuma san míádh céard atá sé indon a dhéanamh. Dhá ndéanadh sé chuile shórt ón deil amach níl a cheird aige. Breathnuigh air sin! 'Ar ndú' níl déanta dhó (: dhe). Dhéanfainn féin cho maith é, ach leisce bualadh faoi]/ Tá deil ann = feac deilbhthe, nó feac cruinn, nó feac a bheadh snuite amach, réidh le cur san iarainn [níor chuala mé mar sin é faoi rud ar bith ach faoi fheac ach thiocfadh dhó go bhféadfaí leas a bhaint as faoi rudaí eile .i. rud ar bith a bheadh faoi réir len a chur ag obair / Sin é an buachaill atá indon an deil a chur ann. Feacha é sin! /[Dar fia tá deil san bhfeac seo. Fagh an t-iarann go gcuirtear isteach é. Go leige Dia do shlainte dhuit, beidh láighe shlachtar agam de do bharr. Anois b'fhéidir! Chugad a gharraí! / An mar sin atá tú! Níor leag tú aon-láimh ar an bhfeac fós agus gur shíl mise go mbeadh deil agad ann faoi seo. Sílim go bhfuil drugal ort an láighe a chur isteach le faitíos roimh an Earrach. Do leithide de scrománach luath láidir! / Tá sé ar deil anois = ar fheabhas; rud a bheith déanta gan aon-locht; rud a bheith réidh uilig, nó déanta nó snuite amach cothrom; réidh le cur ag obair; faoi réir le socrú isteach in áit mar a

bheadh píosa adhmaid a bheitheá a chur isteach i ndrisiúr, i gcómhra, i gcárr nó i rud ar bith; plánáilte; deis déanta agad le socrú isteach in áit; gach rud a bheith ar sheól na braiche; bal críoch nó slacht a bheith ar rud; gan aon-dol ná marach a beith ar rud / Tá sé ar deil anois. 'Sé a dhíol ceart é /[Bhí cláirín annsin an lá cheana agus ba é a bheadh ar deil len a aghaidh dhá mbeadh a fhios cá ndeachaidh sé. Ach sin é an buille. Ní fhágfaí fad méire san teach seo]/ Tá an carr siúd ar deil anois aige, ach a dhul dhá iarraidh. Níl aon-saor-cairr ann ach é in a dheidh sin / Tá an bord sin ar deil anois ach scaird "phaint" a bhualadh air. Ní fhéadaimse níos mó a dhéanamh leis ar aon-nós. Chugad nóiméad go mbailí mé an oirnis seo! /[Chaith mé an lá leis an "mbicycle" dhá dheisiú. Tá sé ar deil anois dhá mbeadh tyre deireadh agam. Ach sin é an aimiléis. Ní féidir a bhfáil. / Deir tusa go bhfuil an bhróig sin ar deil, ach deirimse go bhfuil sí ar a dhonacht. An bhfeiceann tú an lasca sin? Ní bheidh díon deóir innte ach a dtaga an chéad-chioth bháistí]/ Tá sé ar deil anois. Ná bí do do mheath fhéin níos fuide leis. An iomarca dhá anró atá fáite agad dhá mbeadh neart air / Diabhal bréag muise nar fhága sé ar deil í, go leige Dia Mór a shaol agus a shlainte dhó. Is deacair a rá in a dheidh sin nach togha fear ceirde é / Bheadh an teach seo ar deil meireach an simléar, ach ní measa beirthe é, arsa tusa /[Ná bac liomsa anois chor ar bith. Dar priosta tá mise ar deil. Níor dheon (: dhearna) mé ach eirghe ó mo chuid tae shul a dtainig mé / Tá mise ar deil anois. Teigheadh muid abhaile. Tá mo sháith pórtair olta agamsa ar chaoi ar bith]/ Tá sí ar deil anois le pósadh má fuair sí an oiread sin úachta // Sin é an deilín atá aige ó mhaidin go faoithin: ag cainnt ar a bholg / T'anam cascara ón diabhal, eirigh as feasta, agus ná déan deilín dhe / [M'anam muise gurb shin é an deilín atá aca, go gcaithfidh siad árdú páidhe a fháil. Is fada anois ag ceasacht páighe iad, agus bhí sé in am roinnt dhá shásamh a thabhairt dóibh / "Micil Tom: boicín cam"!: má chaitheann tú i bhfad eile dhá rá déanfaidh tú deilín dhe]/ Eirigh as feasta agus ná bíodh sé in a dheilín bacaigh agad / Ba mhinic a chuala mé deilín bacaigh fadó. Níl bacach ná bean bhocht

ar bith dhá dteagadh faoin doras nach mbíodh deilíní aca, ach is beag na deilíní ná na bacaigh atá ann anois. An méid sin féin tá mé ceapadh nach mbíonn aon-smid Ghaeilge aca / Sin anois deilín maith cainnte /[Is breá uaidh deilín cainnte a dhéanamh. Ach cá bhfágfadh sé é. Bhí ruibh na cainnte ar athair féin go ndéan -a Dia grásta air / Fág an chainnt ag an té atá indon a déanta. 'Ar ndú' ní deilín cainnte a d'fhéadfá-sa a dhéanamh / Bhí deilín cainnte ar bharr mo ghuib agam, ach níor thug sé traoiáil dhom a dhéanamh. D'áitigh air é féin. / Siúd í atá indon an deilín cainnte a chur amach dá croí. Caint a mbeidh craiceann ceart uirre. Má tá easba uirre ní easba fios a labhara é. Ní dhá changailt ná dhá cho changailt a bhíos sí]/ Go gcuire Dia an t-ádh ort! 'Ar ndú' ní deilín cainnte atá sé sin indon a dhéanamh i láthair turnae. Fear nach mbeidh ar aon-scéal amháin anois agus faoi cheann chúig noiméad arís, séard atá aige a dhéanamh a bhéal a choinneál ar a chéile. Ní bhfuighfear aon-bhrabach air annsin /[Rinne sé deilín breá cainnte dhá mbeadh an cur leis ann, ach sin rud nach bhfuil ann, agus nach mbeidh.]/ Bhain mé deilín as mo chois agus tá sí an-tinn (Achréidh) / Bhain sé deilín as a mhéir ag siúl ar an teallach aréir, agus tá sé dhá ceasacht ó shoin. Is tinn an rud é freisin. D'eirigh sé dhom fhéin annseo i mbliana, agus dheamhan néal a chodail mé go ceann coicíse arís aice /[Cén áit ar bhain tú an deilín aisti. Annsin! Ar ionntuigh tú uilig uirre. Is olc an áit. Níl a fhios agam nar chóir duit a dhul ag dochtúr agus a 'sbáint dó. Is fánach mar d'fhanfadh bacaíl ort le do ló uaithe sin]/ Goirim agus caisricim thú! Tá deilín bainte agad as do mhéir anois. Ní fhéadfá gan sin a dhéanamh ort fhéin. Nach diabhaltach an cam srón birín a bhíos ort! Meireach ar eirigh dhuit anois, bheinnse do do léasadh an fhad agus a bhfaighinn (: gheobhainn) teas in do chraiceann / Is bocht an rud deilín, agus bíodh a fhios ugad go bhfanfadh éalann ort go deó dhá bharr. Breathnuigh ar Mh. T. Mh. annsin thiar. Sin é an chéad-tsiocair a bhí aige. Bhain sé deilín eile aisti sul a raibh an chéad-cheánn chuige fhéin, agus d'fhága an péire é ar an gcóir

a bhfuil sé // Tá sé indon clár a dheil go maith = a dheilbh, a shnuíochan, a phuinteáil, a chur faoi réir l'aghaidh oibre, é a ghlanadh go deas nó a phlánáil / Fan go dteaga an C. agus deileóidh sé an maide sin duit. Dar príosta bheinnse indon a gcur suas dhá bhfaghainn olluithe iad. / Dheil sé rud! Ní dheileódh sé fód móna le cur san teine, ní áirím dual le cur i rata. / [Dhá ndeiltheá an staic de mhaide sin thoir agad, sé a dhéanfadh ceart críochnuithe ann. Deirimse leat go mbeadh sé ar deil annsin / Duine an-deaslámhach é le clár a dheil nó rud mar sin a dhéanamh ach é a bheith ar a mhian ceart agus dalladh tobac a bheith aige. Ach má bhíonn uireasa an tobac air, fan uaidh. Is fear le dúchas an uair sin é]/ Nach hé a dheil iad! = a chóirigh nó a ghléas iad; a chuir "caoi" ar a gcuid oibre, ar a gcuid faisean, ar a gcuid cainnte, ar a gcuid éadaigh agus rl.; a rinne aithris nó aithléamh orra; "take them off" / Siúd é atá indon a ndeil. Dhá bhfeictheá é ag cur strainc -e air fhéin thiúrfá an leabhar gurb é P. Ph. déanta é. Buachaill báire é. Ní tada eile é, inDomhnach /[Nach hé atá indon a deil. "B'éigin dom fuireann nua a fháil do na scurachaí. Bhí siad ag strócadh, agus shílfeá nach daorbhasctha a bhí siad mar bhí siad. "Tá sé cho maith dhuit anois froc nua a fháil domsa ó tá do láimh ann" adeir Peadar." A Mhuire agus a Chríosta nach hé atá indon an aithris a dhéanamh uirre! An chainnt chéanna agus na goití ceanann céanna, cho maith agus dhá mba í fhéin a bheadh ann idir chlár agus chuinneóig]/ Níl neart agad focal cainnte a rá as a choinne nach mbeidh sé ag aithrist ort. Sé atá deas air freisin. B'aige siúd a bheadh an ghnatha sna drámaí agus ní ag an dream a bhíos ionnta. Dar fiagaí dhá mbeadh cainnt ar leithide Mh. Mh. in aon-dráma bheadh sé indon a dheil ar chaoi ar bith … Nathaíodoirí a bhí sna Cuilm sin frén a chéile. Ba bia agus ba beatha leó a bheith ar an gceird sin /[Níl aon-fhear indon an sáirsint a dheil ach M. 'Bhfuil a fhios agad an cor sin a thugas sé don mhaide agus é ag tarraint ort ar an mbóthar. B'fhiú dhuit M. a fheiceál ag aithrist air sin /.

Diachair (: dʼīəxərʼ): ainm-fhocal; buineann [níor chuala mé aon-chlaochlódh tuisil air. Níor chuala mé é ach in Árainn] = míádh; breathas, tubaiste, "an diabhal", lom an chatmara, léan, ballséire.

Tá an diachair go deó air má rinne sé é sin = tá an diabhal go deo air; tá an míádh ceart air; dhéanfadh sé rud ar bith / Nach ort atá an diachair! Breá nach leigeann tú den duine bocht? / Tá an diachair ar chuid de na strainséaraí sin. Chonnaic mé gearrchaile as Baile Átha Clia a bhí annseo an bhliain cheana, agus tá aill annsin thiar, agus níor chomhnaigh sí go ndeachaidh sí amach ceachrach ar chiúis na h-aille, gur bhreathnaigh sí síos, agus gan tada thíos fúithe ach an poll duibheacáin. Dhá mbuaileadh rae roilleacán í, bhí a cnaipe déanta. Is deacair cuid de na daoine a chomhairleachan /[Tá an diachair go deó ar chuid de na slóchtaithe. Bíonn intinn an-árd aca. 'Bhfuil a fhios agad an bádóir a bhí istigh leis an móin inné? Dhá gcloistheá é sin ag róstadh agus ag scólladh, mhaithfeá do Dhia gan a bheith ag éisteacht leis / Nach diabhaltach an diachair atá ort nach leigeann de do chuid cumadóireacht. Tá an fear bocht thar bhárr a chéille agad. Cén bhrí ach picill a dhéanamh de ghrán seagail! Is "lad" thú!]/ Níl a fhios agam cé'n diachair atá ar an aimsir chor ar bith. Níor tháinic aon-lá le mí mhór fhada a bheadh in araíocht a dhul ag iascach. Ar tháinic anois? /

dámhaireacht: ainm-bhriathar; ainm-fhocal = boc-léimnigh, macnas, meargántacht, ag dul le buile, ag eirghe san aer nó as an uisce [le iasc adeirtear go h-áirid é nuair a bhíos siad ag léimneach nó dhá sníomhadh féin, nó ag caraíocht agus iad buailte ag duine ar dhubhán].

Bhí sé scathamh mór buailte, ach chinn orm a thabhairt liom in a dheidh sin, arae bhí sé ag dámhaireacht agus ag léimneach san uisce / Is maith nach mór do dhuine a bheith ar a mhaidí le breac geal a thabhairt leis. Caitheann siad an-fhada ag dámhaireacht, nó go mbeidh siad féachta / Bhí an fhairrge salach le runnaigh trathnóna. Dhá bhfeictheá ag dámhaireacht tímpeall na curaí iad. Feicfidh tú gur gearr go dteighidh siad le fánaidh anois. / Níl léamh ar bith ar a bhfuil de bhradáin annsin. D'fheicfeá ag dámhaireacht chuile ré solais ann iad /

Diaidh (i ndiaidh) — abairt réamh-fhoclach nó réamh-fhocal dúbalta.
[Fuaim: ia ach amháin ins an dá leagan; in a dheidh sin, in a dheidh sin fhéin, in a dheidh sin agus uilig (= tar éis sin, aindeoin sin, pé aca sin, cé go bhfuil sin amhlaidh agus rl.). Fuaim ei (feic, beir agus rl.) a bhíos ar iai ins an dá leagan sin. Deirtear dhéidh i leabaidh dhiaidh in amhráin go minic]
Diaidh = tar éis, iar, ar chúl, ar sháil, le druim, le ponnt, ar thí, ar thóir, ar lorg, igceann, idteannta, greamuighthe, i bhfastódh, ceanamhail, tóireamhail ar, in a bhéal, in a bhárr, ingeall ar, de bharr, imbealach a … , is mór liom do (ní mór liom do …), giollaidheacht a dhéanamh, aire a thabhairt, aithmhéala, brón, diomdha, ag seoladh, ag cinnireacht.

Tá na tighthe in ndiaidh a chéile /[Bhí na daoine in aon-scuaidrín amháin indiaidh a chéile ar an tsráid]/ Tá sé in mo dhiaidh-sa / D'airigh sé rud eicínt in a dhiaidh ar an mbóthar. / Is gearr in mo dhiaidh é. Níl a fhios agam nach h-é is goire dhom /[Ní raibh sé mórán le míle in a diaidh. Is diabhlaí nachar scóth sé í]/ Bhí sé ag breathnú in a dhiaidh (in a dhiaidh siar) / D'fhéach sé in a dhiaidh siar agus chonnaic sé an fear ag teacht / "Is fhearr breathnú amháin romhat ná dhá bhreathnú in do dhiaidh" = [sean-fhocal] Is fhearr duit cuimhniú ar an rud atá fút a dheanamh, i riocht agus gurb í do chríonnacht a dhéanfá, ná a bheith in aithmhéala faoi agus é déanta agad. Ní miste dhuit cé'n smaoitiú a dhéanfas tú annsin air, bíonn an anachain déanta /[Ní anois atá agad a bheith ag cuimniú air. Breagh nachar bhreathnuigh tú romhat shul a ndearna tú é. Is minic a chuala tú gur fearr breathnú amháin romhat ná dhá bhreathnú in do dhiaidh]/ Tá sé mall agad anois fios a bheith agad céard a bhí agad a dhéanamh, agus an rud déanta. B'fhearr dhuit breathnú amháin romhat an uair sin, ná dhá bhreathnú in do dhiaidh anois / Sásuigh thú féin go maith anois agus ná bí in aithmhéala aríst. Má ghníonn tú an pósadh uair amháin, níl aon-scaoileadh indán duit mara scaoilidh an bás thú, 'sábhálaidh Dia sinn. Mar sin, breathnuigh romhat go maith. Deir siad gur fearr breathnú amháin romhat ná dhá bhreathnú in do dhiaidh, agus go dtugann an duine dona dubh-léim. Má cheapann tú nach bhfeileann an bhean duit, fág 'do dhiaidh í. Sin é a bhfuil in a thim-cheall /[Níor bhreathnuigh sé roimhe féin in am. Anois bíodh sé ag breathnú in a dhiaidh go mbeidh sé tuirseach. 'S aon-mhaith amháin dó é]/ Marar bhreathnuigh sé roimhe, féadfaidh sé breathnú in a dhiaidh anois, ach sin

é a bhfuil de mhaith dhó ann. Ní fheicfidh sé aon-sciúrtóg dhá chuid airgid go h-éag. Is maith nach mór do dhuine a bheith ins an áirdeall air féin ag plé le cneamhairí /[Níor bhreathnuigh sé roimhe nó in a dhiaidh, ach imeacht leis gan méir a bhaint dhá shrón gur shiubhail sé isteach ins an teach]/ Ná breathnuigh romhat ná in do dhiaidh anois go dteighidh tú ann agus go bhfaghaidh tú é sin domsa / Níor bhreathnuigh sé in a dhiaidh amháin. Sin é an fear nach raibh mórán cumha air indiaidh an bhaile / Leag mé annsin indiaidh a chéile iad. Tá siad corruighthe arís agaibh / Abair indiaidh a chéile iad / Cuir indiaidh a chéile annsin ar an mbord iad, go bhfeiceamuid cé aca is mó /[Tá scór bráithlíní indiaidh a chéile amuigh ar an gclaidhe aice.]/ Bhí cho maith le scór mótair indiaidh a chéile ann, má bhí sé taobh leis / An bhfuil tusa indon na strácaí a chomhaireamh ins an tuighe sin. Sílimse go bhfuil naoi stráca indiaidh a chéile ann / Bheadh doiséine ann, dá mbeidís indiaidh a chéile — ach níl / Cé'n chiall nachar chuir sé na h-iomrachaí oinniúin indiaidh a chéile agus na meacna a choinneál asta féin. Ní fhaca mé an ceann céadna ariamh féin, nach gcaithfeadh sé cóirí catha a bheith aige nach mbeadh ag aon-duine eile / Tá sé siúd indon a raibh de righte ariamh in Éirinn a chur indiaidh a chéile / Níl ceathramhnaí an amhráin chor ar bith indiaidh a chéile aige. Tá siad thrín a chéile /[Cheal nach bhfuil siad agad indiaidh a chéile. Tá siad sin ar fad thrín a chéile / Chaithfidís seasamh annsiúd indiaidh a chéile nó go nglaoidhtí orra. Bhí muid préachta ag fanacht ann]/ An bhfuil tú indon an t-amhrán sin a rádh indiaidh a chéile? = ins an gcaoi a bhfuil sé, agus gach ceathramha in a h-áit féin / Bhí sé agam ar fad tamall, ach níl mé indon dhá fhocal dó (: dhe) a chur indiaidh a chéile anois. Tá an chuimne uiliog imighthe uaim / Níl aon-aithrighe a rinneadh ariamh nach raibh sé indon a chur indiaidh a chéile. Ba bhreagh uaidh píosa cainte a rádh / 'Sé a bhí indon an scéal a chur indiaidh a chéile. Mar adeireadh sé féin, ní dhá changailt ná dhá chomh-changailt a bhíodh sé, ach dhá chur amach go tóin an tighe / Dar príosta tá an t-amhrán sin indiaidh a chéile go maith (: déanta go maith) hébrí cé a rinne é. Ní hé filí (: file) Bh. na mB. a rinne é sin, ab é? / 'Sé atá indon an phaith de bhréag a chur indiaidh a chéile (: a chumadh). Dá mbeadh sé indon a dhul amach agus gnatha a dhéanamh cho maith in a gharrdha, ba mhór ab fhiú dhó é / Níl sé indiaidh a chéile ná baoghal air chomh mhaith agus a chuirfeadh M. indiaidh a chéile é. Tá M. tógtha ag déanamh amhráin. / Go deimhin tá sé indon biadán agus cúl-chaint agus bréaga a chur indiaidh a chéile. Nímé an bhfuil sé indon a phaidreacha

a chur indiaidh a chéile leath cho maith. Ní beo é mara mbeidh sé ag coireamhaint ar dhuine eicínt / Níl sé indon dhá fhocal cainte a chur indiaidh a chéile, ní airighim "speech" fada a dhéanamh / "Indiaidh a chéile a dhéantar na caisleáin" = "I leabaidh a chéile a dhéantar na caisleáin" = ní féidir gach uile shórt a dhéanamh de rith agus de léim. Caithfidh duine foighid a bheith aige, agus a ionbhadh a ghlacadh, agus oibriú leis de réir a chéile; "Rome was not built in a day" /[Glac t'ionbhadh a dhuine sin. Nach breagh nach gcuirfeá stuaim ar an bhfoighid. Indiaidh a chéile a dhéantar na caisleáin]/ Is diabhlaí an t-uathbhás a bhíos ort. Nach bhfuil a fhios agad go ndéanfaidh mé é, ach a mbeidh mé réidh go dtí é. Indiaidh a chéile a dhéantar na caisleáin. Níl aon-tsástuigheacht agadsa ann mara ndéantar 'chuile shórt de léim /[Ní beag dhuinn a bhfuil muid a dhéanamh faoi láthair, agus gan bacadh le teach. Indiaidh a chéile a dhéantar na caisleáin. Déanfar an teach ach a bhfaightear an deis amach annseo faoi'n a bheith slán do na daoine]/ Céard atá muid a dhéanamh? Ag cruinniú romhainn agus ag bailiú in ar ndiaidh, a dheirbhshiúr = déarfadh dream nó duine é a bheadh ag cruinniú airgid, nó lucht iarrtha a gcodach etc. / Ag cruinniú romhainn agus ag bailiú in a' (: ar) ndiaidh atá muid ó mhaidin. Má 'seadh féin is beag atá dhá bharr againn / Céard adeir tú! Ag cruinniú romhaib agus ag bailiú in' u' (: bhur) ndiaidh! Tá faitíos orm nach bhfuil mórán le cruinniú ná le bailiú agaibh uaimse, ní ag ceasacht ar Dhia é, ach ní bheidh mé gortach faoi'n mbeagán féin /[Tá muid ag cruinniú romhainn agus ag bailiú in ar ndiaidh ó mhaidin indiu; agus 'sé a bhfuil againn fós coróin. Tá faitíos orm nach mórán gnaoi atá ag muintir na h-áite seo ar a' (: ar) gcuid spóirteannaí. Dhá dteigheadh fear thart l'aghaidh "elections" nó rud mar sin, is maith teann an spaga a bheadh trathnóna aige.]/ Tá a chois in a diaidh i gcomhnaí = fear a bheadh mór le bean agus a chothóchadh an tsáil aice / Níl goir aice a dhul taobh amach de dhorus nach bhfuil a chois in a diaidh / Ní fhaca aonduine í i mbóthar ná i mbealach le cúig nó sé de bhlianta nach bhfeicfí eisean agus cois in a diaidh aige / Ní raibh sé ariamh nach mbeadh cois indiaidh na h-uaisle aige = ag cuimilt leis an uaisle = fonn caidrimh leis an uaisleacht / Bhí cois indiaidh na h-uaisleacht' aige 'chuile lá ariamh /[Ó, tuige nach mbeadh. Ghreamuigh dhó cois indiaidh na h-uaisle a bheith aige. / Caithfidh sé an chois a choinneál indiaidh na h-uaisle i gcomhnaí. Sin é a bhuac]/ Tháinic sé anoir an bóthar agus cois indiaidh na cois' eile aige = ag siubhal go roighin, go támáilte, go tuirseach nó go tomhaiste;

ag siubhal ar nós chuma liom faoi'n áit a mbeadh sé ag dul nó faoi an obair a mbeadh a phlé léithe an uair sin / Tháinic M. Ph. Sh. anoir indiu agus cois indiaidh na cois' eile aige. Déarfainn gur fear é a raibh braoinín ar bord aige /['Bhfeiceann tú anuas é; agus cois indiaidh na cois' eile aige. Síos tigh B. atá sé ag dul anois. Chuir an bhean amach ann é gan bhuidheachas. Is furasta aithinte air gur beag a fhonn atá air a dhul ann]/ 'Bhfeiceann tú an chaoi a bhfuil cois indiaidh na cois' eile aige. Meastú an tuirseach atá sé. Is maith an scathamh go mbeidh sé ins an mbaile ar an deis sin / Tá drugal an mhíádha air a dhul siar anois ins an áit a bhfuil sé ag dul: tigh na deirbhshíre. Feacha an chaoi a bhfuil cois indiaidh na cois' eile aige. Choinneochadh adhastar sneachta as anois é. Ní bhíonn grásta ar bith aige a theacht anoir thar cheann an bhóithrín chor ar bith … aisteamhlacht. 'D'eile? /[Déarfainn leis an gcaoi a bhfuil cois indiaidh na cois' eile aige nach lughar leis an sioc ná a dhul 'na chladaigh. Bíonn an-drugal aige roimh an gcladach i gcomhnaí. Guróir an-fhuar é. Dar príosta muis' níl an fheamainn an-te indiu]// Níl ann ach go bhfuil sé indiaidh a chéile anois. Ní fhaca mé duine ar bith ariamh, is mó a d'ídigh ná é le goirid. Níl bior-eanga féin air = [in diaidh a chéile = beo, ar marthainn, ag coinneál le chéile, ionchaithte, gan a bheith in a cheirteach -aí amach agus amach] / Is maith an mhaise aige é agus é bheith indiaidh a chéile chor ar bith agus cho maith agus a shaothruigh sé an tinneas sin le bliain. Marach cho láidir agus a bhí sé, is fadó a bheadh sé scuabtha. Ach bhí sé an-roighin / Ara a dhearbhrathair mo chroidhe thú, is beag nachar ghiorruigh sé liom. Dheamhan a leitheid de ruaig a chonnaic mise i gcaitheamh an tsaoghail ariamh. 'Sé a bhfuil ann go bhfuil mé indiaidh a chéile chor ar bith aige /[Tá sí indiaidh a chéile ar éigin anois. 'Sé a bhfuil ann é. 'Ar ndú' is beag an dochar di agus an aois atá aice. Nach bhfuil sí bord ar bhord leis an gcéad]/ Ní féidir go bhfuil an sean-"tseaicéad" sin indiaidh a chéile fós. Dar mo choinsias is mór an seasamh aige é. Tá dhá chulaith caithte agamsa ó a fuair tusa é sin. Thug tú an-aire dhó. Marach gur thug is fadó a bheadh sé ag ceannaidhe (: fear ceirteachaí) /[Fuair sé an leabhar sin tá trí seachtainí ó shoin, agus níl a dhath di indiaidh a chéile anois aige. Sin é an diabhlánach agad. Nach beag an tsuim atá aige, cá bhfuighfear airgead]/ Níl an tsean-chrupach siúd ach indiaidh a chéile. Mara bhfuil aon-cheann aige thairti siúd, tá sé d'fhuireasbhaidh bó — tá sin. Ní sháróchaidh sí siúd geimhreadh eile go deo / Is maith an dicheall do na daoine a bheith indiaidh a chéile chor ar bith agus an aimsir a bhí ann le fada. Tá 'chuile dhuine ag fuasaoid slaghdáin, agus má

tá féin is beag an dochar dóib. B'uair mhí-nádúrtha í. Níor thada eile í /[Theangmhuigh an toirneach leis agus níl ann ach go bhfuil sé indiaidh a chéile ó shoin. Ná bac thusa le balla ar bith a scríobfaidh an cailín sin leis. Scoilteann sí ar fad é. Ach bhí muid saor go leor míle buidheachas le Dia nach ndearna sí thairis sin de dhamáiste]/ Is maith atá an sean-bhicycle sin ag cruthachtáil agus é a bheith indiaidh a chéile fós. Is maith an t-achar agad é sin anois. Ní mheasaim go mbeidh sé i bhfad eile indiaidh a chéile muis. Tá cosamhlacht an-chraithte anois air / Níl in Peadar ach na cheithre eite anois. Tá sé tugtha anuas go mór ó a chonnaic mise go deireannach é. Ach is mór an t-iongnadh go bhfuil sé indiaidh a chéile chor ar bith agus cho gar do'n bhás agus a bhí sé. Shíl mé nach srianfadh sé thríd go bráth / Is diadhachta do'n leabaidh chéadna a bheith indiaidh a chéile chor ar bith agus an macnas agus an eirghe-in-áirde a bhíos orra sin innte 'chuile oiche. Dheamhan aithne orra nach amuigh ar na cnocáin a bhíos siad. Beidh a shliocht orra: ar feadh iad an leabaidh sin a bhriseadh, codlóchaidh siad ar an talamh, agus comhairleochaidh sin iad, feicfidh tú féin air. /[Bíonn a bhean in a dhiaidh aniar ins 'chuile áit = len a shála, in a chosamar / Tá a mhadadh in a dhiaidh aniar / Níor bhreathnuigh mé tharm ariamh go raibh mé ag dul isteach dorus an tighe ósta, agus sin é an uair a chonnaic mé in mo dhiaidh aniar é. Nachar thúatach an mhaise dhó anois mé a leanacht mar sin]/ Cuirfidh sí siúd na póilíos in do dhiaidh aniar má chuireann tú aon-araoid uirre. 'Sí atá deas air / Bhí dhá mhíle de thosach agam air, ar a laghad ar bith, agus cé ad' fheicfinn in mo dhiaidh aniar ag dul isteach ag ceann Bóthar na T. ach é. Ba mhaith an deifir a rinne sé sin / Chuir sí an-náire ar Ch. Chaith sí an lá in a diaidh aniar ar fud na G. ag sciolladóireacht uirre. Ní scarfadh sí uaithe ar ór ná ar airgead /[Cé a bheadh in mo dhiaidh aniar ag dul isteach ag an Aifreann indiu ach é. Chuaidh sé ar a ghlúine le m'ais, agus go maithidh Dia dhom é, níor dhubhairt mé a dhath de m'urnaighe ach ag cogarnaighil leis ar feadh an Aifrinn. Tá sé malluighthe, agus níl aon-duine dhá mbíonn in a aice nach mbíonn malluighthe cho maith leis féin / B'aisteach an rud é sin, nacharbh aisteach. Deir sé gur chuala sé an choisméig (: coiscéim) in a dhiaidh aniar aníos ar feadh an bhóithrín uilig. Sheas sé míle uair, agus sheasadh an choisméig freisin. Chinn air duine ná deoruidhe a fheiceál luath nó mall]/ Bhí sé in a diaidh aníos an bóithrín anocht / Nach raibh sé in do dhiaidh anoir / Beidh sé in do dhiaidh amach as an séipéal agus tapuigh é / Cuir thú féin anois i ndiaidh an méid sin = cuir

tuilleadh (cainte, airgid agus rl.) in a cheann sin / Dubhairt mise an méid sin de'n amhrán. Cuir thú féin in a dhiaidh sin anois / Sin é a bhfuil agamsa anois. Cuir thú féin in a dhiaidh sin / M'anam nach bhfuil mise indon cur in a dhiaidh sin, ná aon-fhear eile ins an teach sílim / "'Sóra mhóra mhóra agus 'sóra mhíle grádh; tá bricíní in a mbuilcíní i bpluicíní mo ghrádh". Cuir thú féin in a dhiaidh sin anois / Thug sé gob géar do J. agus ní raibh J. indon cur in a dhiaidh = ní raibh sé indon a sháith de fhreagra a thabhairt dó / Thug an mac go leor airgid as Sasana, agus chuir an t-athair in a dhiaidh, nó gur cheannuigh siad an talamh sin thuas a bhí ag P.K. Ba dona an áit ar chuir siad a seacht gcéad mar sin féin: é a shíneadh amach ar na caoch-phuill agus ar na cíocraí sin = [chuir an t-athair in a dhiaidh = chuir sé in a cheann = thug sé an oiread do'n mhac, agus a bhí easbadhach air leis an talamh a cheannacht /[Tá leath-choróin agamsa. Cuir thú féin in a diaidh, agus fágh leath-ghalún. Déanfaidh sin muid. Imeochaidh muid ar an dá luath agus a mbeidh an deoir deireadh dhe sin ólta]/ Thug M. deich bpunt dom agus chuir mé féin in a dhiaidh gur cheannuigh mé an bhó sin. Má cheannuigh féin b'olc an ceannacht a rinne mé, ní ag ceasacht ar Dhia é. Tá sí ag dul ó dháir ó'n lá ar ceannuigheadh í /[Ní raibh a ndóthain aca féin leis an teach a chríochnú, ach chuir an deirbhshiúr siúd atá imighthe in a dhiaidh, agus críochnuigheadh annsin é. Chosain sé, idir 'chaon tsórt, trí chéad agus dá fhichead punt. Ba diabhaltaí an lab airgid é]/ Níl aon-mhaith in do dheich bpunt. Is mór eile a chuirfeas tú in a dhiaidh shul a thiubharfas mise an bhudóg duit. Ceann an eadh? Cuirfidh tú péire féin in a dhiaidh, agus slad-mhargadh a bhéas agad in a dheidh sin / Chúig phunt fhichead … Cuirfidh tú dhá phunt eile in a dhiaidh, agus tuilleadh agus dhá phunt. Seacht bpunt fhichead coróin. Sin é a fuair mé orra, gan cianóig aige ná uaidh /[An bhfuil sé céad míle go Baile Átha Cliath, adeir tú. Cuirfidh tú scór eile in a dhiaidh. Tá sé sé scóir agus mílte corra. Ba mhaith an choisméig é ag duine dhá chois]/ Naoi seachtainí go dtí an lá cáirde. Ní mór duit coicís eile a chur in a dhiaidh. Tá sé aon-tseachtain déag ó arbhú indé. Chomhair mé aréir é / Sin é féin "oineach Uí Bhriain agus a dhá shúil in a dhiaidh" = [sean-fhocal] Dá gcaitheadh fear féile nó gnaoidheamhlacht leat, ach go mbadh mhór leis duit í, nó go mbeadh sé in a diaidh ort, aindeoin sin, tugtar "oineach Uí Bhriain agus a dhá shúil in a diaidh air sin [Feic oineach] / Tá sé ag teacht agus a thóin in a dhiaidh = duine a bheadh tuirseach seangthuigthe nó craiplighthe / 'Bhfeiceann tú

anoir é agus a thóin in a dhiaidh. Féachfaidh an spealadóireacht é /[Tháinic sé trath -nóna agus a thóin in a dhiaidh, th'éis a bheith trí lá imighthe dó. Is furasta aithinte air gur beag 'e chodladh a rinne sé ó shoin, má rinne sé néal ar bith. Nach bhfuil a fhios agad go maith gur le ól agus le ragairne a bhí sé sin ó shoin]/ Má spréidheann tú an méid sin coirce, tiocfaidh tú abhaile trathnóna agus do thóin in do dhiaidh. Dar mo choinsias tá stróic mhaith ins an méid sin / Níl sé ach ag tarraint a chosa in a dhiaidh, de bharr a lae = tá sé buailte suas ins na cosa de bharr saothar an lae; tá sé tuirsighthe / Is beag le go raibh mé indon mo chosa a tharraint in mo dhiaidh abhaile. Sháruigh an t-aistir ar fad mé /[M'anam a Dhia agus do Mhuire! Tá mé seangthuighthe. 'Sé a bhfuil mé indon a dhéanamh mo chosa a tharraint in mo dhiaidh. Dar fiadh, ní gan uí gan ó fataí a chur]/ Má tá tú indon do chosa a tharraint in do dhiaidh chor ar bith, ní loicfidh tú anocht. Beidh an-oiche ann — oíche go maidin. Tara uait ann! // Ar ndú' ní thiubharfadh aonduine beo a inghean dó. Tá sé caithte amach indiaidh a bhéil ar fad. 'Sé mac J. T. Mh. déanta é. Dheamhan bean a gheobhas ceachtar aca go bhfaghaidh Pól a shúil = [caithte amach indiaidh a bhéil = cromta nó claonta amach; gan é a bheith díreach, ach an cloigeann nó an t-éadan roimh an gcuid eile de'n cholainn i gcomhnaí, agus é ag siubhal] /[Tá sé cho caithte amach indiaidh a bhéil agus atá mé féin, atá in mo sean-fhear chríon liath, th'éis nach bhfuil annsan ach fear óg. Shíl-fheá go ndíreóchadh sé é féin thairis siúd. Téarma a bhí a thabhairt ins an arm dó. Dhíreochadh neart maide annsin é / Tá tóin siar aisti, agus í caithte amach indiaidh a béil, agus crom-shlinneán uirre … Céard nach bhfuil uirre, ní ag baint fogha ná easbaidh aisti é]/ Is fhearr liom caithte amach indiaidh mo bhéil féin, na basaighil a bheith ionnam mar atá ionnadsa. 'Séard a theastóchadh uaitse treabhsar a dhéanamh duit, nach mbeadh air ach aon-chois amháin. Chlúdóchadh sé do chuid basaighle / Tá sé indon imeacht indiaidh a thónach ar fud an tighe ach ní fhaca mé é ag iarraidh a dhul ag lámhacán fós. Is fhearr leis ag tónachán leis mar sin /[Bhí an oiread ólta aige agus nach raibh sé indon eirghe, ach bhí sé ag imeacht indiaidh a thónach ar fud na cisteanaige, agus indon a dhul go dtí an leath-bhairille. Ba ghráin shaoghalta é.]/ Bhí sé ag dul siar indiaidh a thónach ariamh ariamh nó gur tháinic sé salach ar an mbuirdín a raibh na piontaí againn, agus chuir sé in aer é. Mo léan géar níor thairg sé deoch eile a thabhairt duinn in a n-omós, ná na gloineadhachaí a

íoc le bean an ósta. Bhí sé spleadhach go leor, ach ba i ngan-fhios dhá phóca sin / Níor chomhnuigh sí ag dul indiaidh a tónach gur leag sí brúisc de'n chlaidhe. Amach léithe annsin agus as go bráth léithe ins na feire glinte. Ní fhaca tusa siubhal faoi rud ar bith ariamh mar a bhí fúithe. Shíl mé nach mbeadh a tuairisc in Éirinn ná in Árainn trathnóna /[Níl dorus ar bith indon seasamh léithe. Pé'r bith caoi ins an domhan a gceangluighim í, ionnsuigheann uirre ag dul indiaidh a tóna, nó go bhfaghaidh sí leigean ar an dorus. Tiubharfaidh sí na cosa deireadh annsin dó, agus chaithfeadh sí an oíche ar fad dhá chiceáil nó go mbrisead sí é ar uain nó ar éigin]/
D'fhéach sé indiaidh a chúil = bhreathnuigh sé siar thairis / Is minic é ag breathnú indiaidh a chúil / Indiaidh a chúil a bhí sé ag dul / An bhfuil tú indon scríobhadh indiaidh do chúil = siar / Chuir sé
indiaidh mo chúil mé nó go raibh mé amach an dorus aige. Scaoil sé amach annsin mé, ach ar an dá luath agus ar scaoil nach gcuireann sé tuiric ionnam, agus nach gcuireann sé anuas ar chúl mo chinn ar an tsráid mé. Deirimse leatsa nachar éiligh mise a dhul isteach níos mó. Ní raibh aon-mhothú ionnam go ceann leath-uaire ar aon-chor / Chuirfeadh fear ar bith indiaidh a chúil é, ach cá'il an té atá indon breith isteach air, ná dorna a sheasamh dhó / 'Séard atá agaibh a dhéanamh an comhra a bhrughadh indiaidh a chúil agus a cheann a thabhairt amach mar seo. [Is fusa sin a dhéanamh leis i dtosach ná a bheith ag iarraidh a ionntú 'nuair a bhéas sibh dhá thabhairt amach an dorus]/ Bhuail faitíos mé leis an gcaoi a raibh sé dhá chur indiaidh a chúil, gur rún a bhí aige é a leagan ar shlatrachaí a dhroma ins an teine /[Dheamhan a fhios agam ach an oiread leatsa céard a bhí sé ag iarraidh a dhéanamh leis an gcarr, agus dheamhan agus móide a raibh fhios aige féin é dhá dteigheadh sé go dtí sin, ach bhí sé dhá chur indiaidh a chúil ariamh ariamh go ndeacha an seafta isteach i bhfuinn -eoig J. Th. Sin é an uair a thosuigh na h-ollghárta istigh]/
Bhí an-spóirt ar an bportach indiu. Rug J. ar bharra T. Sh. agus bhí sé ag ealadhain leis agus hébrí cé'n chaoi ar eirigh leis é a chur indiaidh a chúil, nachar thuit sé síos ins an bportach. Chuaidh T. Sh. ingeallta. Dar an leabhar dá mbeireadh sé ar J. ghabhfadh sé síos i mullach an bharra / D'imigh leis indiaidh a chinn roimhe = gan áit áirid ar bith a bheith aige le dhul, ach imeacht roimhe le toildheona Dé [chonnaic mé leagan imbéal a chinn roimhe, ach indiaidh a chinn roimhe atá

againne] / Chaith an t-athair amach é gan oiread agus a bheannacht a thabhairt dó, agus d'imigh leis indiaidh a chinn roimhe. [Casadh ag obair ag céithearnach láidir é a raibh inghean aige. Biorin aon-tsúil a bhí ins an inghean agus nachar ghlac sí grádh dhó, agus nachar phós sí é. Tháinig sé ar ais annseo ar cuairt suim achair blianta in a dhiaidh sin, agus é in a dhuine uasal. Ba mhaith an mhalrait aige sin é. Deir siad gur fearr an t-ádh ná eirghe go moch]/ Ghread leis indiaidh a chinn roimhe. [Bhí an oíche ag teacht air agus an lá ag imeacht uaidh nó gur tháinig sé go dtí teach scolóigín a bhí chois an bhóthair]/ Níl aige le déanamh anois ach imeacht indiaidh a chinn roimhe ag tóraidheacht a fhortúin mar a ghnídís fadó. Is beag an tsamhaoine dhó ar aon-chor fanacht annsiúd níos fuide / An ag imeacht indiaidh do chinn romhat atá tú, nó céard a thug an bealach seo thú / Imighim indiaidh mo chinn romham mar sin scaithtí, ag fálróid liom. / Ná cuirigidh an iomarca araoid air. Tá sé dubh-stuacach. Dheamhan a fhios agaibh nach imeacht indiaidh a chinn roimhe a dhéanfadh sé. Dhéanfadh ar an toirt, dhá gcaitheadh sé in a cheann é. Is air nach mbeadh an mhoill /[Chaith sé an oíche ag imeacht indiaidh a chinn roimhe ins na sráideannaí, agus gan aon-fháil aige ar a theach lóistín nó go ndéanadh sé lá. Níorbh fhéidir áit ar bith a dhéanamh amach ann ag an dubhachan eile sin — an "black-out"]/ Is minic ariamh a ghlan fear leis indiaidh a chinn roimhe agus ní fhaca sé aon-lá de'n ádh ariamh ach é. B'fhéidir go dtiocfadh an té sin abhaile blianta in a dhiaidh sin agus é in a ridire. Ní bheadh sé ach beo bocht, dhá bhfuirigheadh sé ins an mbaile i gcomhnaí / D'imigh gasúr de thamhnóig shléibhe thuas annsin an bhliain cheana. Dheamhan a fhios agam nach as L. é. Ceann eicínt de na tamhnachaí iargcúlta sin ar chaoi ar bith. Ní raibh sé ach h-aon déag nó dó dhéag de bhlianta. Tháinig sé abhaile deich mbliana ina dhiaidh sin, agus níor aithin duine ar bith é, nó gur leig sé a aithne leo. Shíl siad gur báidhte nó marbh a bhí sé le na cianta roimhe sin. Bhí dalladh airgid aige / B'fhearr dhom imeacht indiaidh mo chinn romham, agus gan an baile a thaobhachtáil aríst go bráth ná a bheith ag iarraidh a bheith baint cheart amach ins an teach sin, nuair nach féidir aon-ceart a bhaint daob (: díob) /

Cuireadh amach indiaidh a mhullaigh ins an bhfairrge é = caitheadh amach é, agus ba é a chloigeann a chuaidh ins an bhfairrge ar dtús; head-foremost /[Chuir sé indiaidh a mhullaigh amach ar an tsráid é. Tá an-ghearradh annsin ar a ghruaidh slán an tsamhail. Bhí sé sáthach maith aige, agus an sceaimhínteacht a bhí air féin]/ Caitheadh indiaidh a mhullaigh de'n bhicycle é, agus fhobair gur briseadh a bhaithis in éadan an chlaidhe. Ba mhaith a chuaidh sé as nach rinneadh (: ndearnadh) a lá. Dhá mbeadh sé scaithín eile le fánaidh, níl a fhios agam cé'n chaoi a mbeadh sé aige / Chuir sé tuiric ionnam, agus caitheadh indiaidh mo mhullaigh mé isteach i dtom neanntóg atá ar cholbh an bhóthair ann. Bruitheadh agus loisceadh mé ceart críochnuighthe. Bhí sé ag faire ariamh, nó gur tháinic sé fúm gan aireachtáil, agus gan fios rúin ná soiscéil agam. Beidh a shliocht air: ní ghabhfaidh leis. Tiubharfaidh mise an buille feill dó-san, agus gan cuimne ar bith aige air /[Is fánach an tsiocair a bhí aige. Dheamhan blas ach iad a bheith amuigh ag déanamh spraoi ingarrdha atá annsiúd chois an bhóthair trathnóna Domhnaigh. Bhí seisean ag rith, agus cuireann duine de na gearr-bhodaigh — mac le P. É — cois roimhe. Caitheadh amach indiaidh a mhullaigh é, agus rug splinnc cloiche a bhí aníos ar an talamh annsin air, slán an tsamhail. Níor mhair sé achar ar bith. Sin é an áit is éalannaighe in do cholainn — an chamóig ara. Tá contabhairt ar dhuine i gcomhnaí, má fhaghann sé priocadh ar bith annsin / Bun crainn a thruisleáil mé agus a chuir in diaidh mo mhullaigh isteach i gcrích mé. Níor fágadh liobar leathair ná liobar éaduigh orm ach níor chás dom é agus a theacht cho saor sin as. Tá an áit ar fad faoi bhunannaí crainnte agus faoi chlocha, agus is fánach an chaoi a bhfuigheadh duine droch-treascairt ann. Ní leithne an t-aer ná an timpiste adeir siad /[Chuaidh sé indiaidh a mhullaigh ann agus tuilleadh ghéar de'n diabhal aige! Ní raibh sé gabhthach le comhairle, agus tá a shliocht air anois. Bainfidh sí siúd deatach as. Ní raibh breith bonn báis aige nó go bpósfadh sé í sin. Spéir na gréine a bhí innte a mhic ó, má b'fhíor dó féin. Déanfaidh sí siúd spéir na gréine dhó (: dhe) shul a bhéas sí réidh leis [a dhul indiaidh a mhullaigh ins an bpósadh = a dhul ann go giorraisc, nó gan breathnú roimhe] / Bíodh foighid agad. Níl maith ar bith dhuit a dhul indiaidh do mhullaigh ann. Glac staidéar. Nachar chuala tú ariamh é go bhfuil iasc ins an bhfairrge cho maith agus a gabhadh fós / Fainic anois a dtiocfá indiaidh do mhullaigh ann. Tabhair ionbhadh dhuit féin, agus ná bí in aithmhéala aríst. In a dhiaidh a fheicthear do'n Éireannach a leas. Níl aon-mhaith ins

an obair sin. Do leas romhat agus go mbeiridh tú air, mar adeireadh M. Ph. Mh. fadó / Bhreathnuigh sé orm indiaidh a leicinn = leathtaobhach, taobh a leicinn; side glance / 'Bhfaca tú an t-amharc mí-chéadtach a thug sé orm indiaidh a leicinn 'nuair a rinne mé a shamhlú leis go mbadh cheart dó iasacht an bhicycle a thabhairt dom le dhul go dtí damhsa cros-bhóthair ar an mB. Á. Shílfeá gur méir a chuir mé faoin a shúil. 'Ar ndú mo léan, 'chuile shórt aige sin ach damhsa cros-bhóthair! /[Ní bhreathnóchaidh sé díreach chor ar bith ort ach indiaidh a leicinn. Ní fhaca mise a leithide de phúcaighil ar aon-duine ariamh. Do dhubhshlán, déan amach céard atá in a intinn aon-uair.]/ 'Bhfuil a fhios agad an fear sin thuas ag T. Mh.: an luisneachán mór sin a bhfuil an chlaon-fhéachaint ann agus a bhíos i gcomhnaí ag breathnú indiaidh a leicinn ort. Chreidim nach bhfuil aon-neart aige air sin, gurb í an chlaon-fhéachaint is cionntaighe leis. Súile corr-cáimín a bhaist P. Ú. air: mar dhóigh dhe go bhfuil a shúile mar bheadh maide corr cáimín ann. Diabhal mé gur duine fáilidhe é sin, agus nach gcreidfeá ach cho gnaoidheamhail agus atá sé le duine ar bith a mbeadh aon-bheann aige air /[Níl a fhios agam an mbeidh sé an-fhada anois go dtugaidh póilí Á. geábh aniar indiaidh mádraí nach bhfuil íoctha. Chonnaic mé é ag breathnú indiaidh a leicinn orm indiu, agus mé ag dul amach thairis. Ní mór daoib a bheith ar 'u' (: bhur) son féin — duine ar bith a bhfuil madadh aige nach bhfuil íoctha]/ 'Bhfaca tú ariamh é ag caitheamh amach smugairlí indiaidh a leicinn. Ní bhíonn sé ach ag ealadhain, ach chuir sé déistean ar ghaedhilgeoir a bhí annseo anuiridh. Ní fhéadfad sí fanacht ins an áit a mbeadh sé chor ar bith / Tá sé thíos annsiúd ag cur deatach amach as an sean-dúda indiaidh a leicinn, agus ag innseacht faoi "bhliain annseo a raibh garrdha an tS. curtha agam, agus nach raibh aon-fhata ann ní ba mhó na cubharláin lá Fhéile San Seáin, agus go raibh siad cho mór le turnapaí Domh-nach Chrom Dubh." Má tá an scéal sin cloiste agam uair, tá sé cloiste agam míle uair /[Bhreathnuigh sé orm indiaidh a leicinn, agus shílfeá gur brath mhór a bhí aige beannú dhom, ach níor bheannuigh ina dheidh sin. Is minic ar an deis sin le goirid é. Is fada leis go mbeannuighidh mé dhó, ach dheamhan beannú muis, ná cuid de bheannú, dhá gcailleadh sé síol a chlainne ag súil leis. Fuaraigheadh sé anois ins an gcraiceann céadna ar théigh sé ann cheana]/ Ní bhreathnóchadh sí díreach ort ar bhás an domhain, ach ag iarraidh thú a dhearcadh indiaidh a leicinn ingan fhios. / Bhí sé ag dul indiaidh a leath taoibhe nó go ndeacha sé síos ins an trínnse atá ar cholbh an bhóthair

= [ag dul indiaidh a leath-taoibhe = sideways] / Nuair a bhaintear geit ar bith aisti, níl a dhul ar a cúl ná ar a h-aghaidh aice ach indiaidh a leathtaoibhe go dteighidh sí ins an gclaidhe. Tá an míádh mór uirre, tá sí cho giogach sin / [Dhá dteagadh sé isteach idteach anois, agus dhá seasadh sé ar an taobh sin, tá sé d'fhaisean aige a bheith ag dul indiaidh a leathtaoibhe go bráth go mbeidh sé thall ar an taobh eile. Ní chuimnigheann sé air féin leis an bhfalrach a bhíos ann ag ceartú dhuit. Leag duine de na gearrbhodaigh an cíléirín roimhe i lár an teallaigh lá a raibh sé istigh annseo, agus níor airigh sé go bráthach é go dtáinic sé salach air, agus baineadh treascairt as, agus shíl mé go raibh sé basctha istigh ar an teallach againn, mar caitheadh anonn ins an gclúid thall é]/ Tabhair faoi deara é má fheiceann tú ag "bacsáil" aríst é. Cuirfidh mé geall leat, nach dteigh-eann sé an ionga féin ar a chúl ná ar a aghaidh, th'éis go mbíonn sé ag corruighe. Ag dul indiaidh a leathtaoibhe i gcomhnaí a thugas sé an iarraidh do'n fhear eile, agus tá iarraidh mharbhthach aige freisin, an uair a thogróchas sé é /[Níl gnatha ag aon-duine a dhul a chodladh in aon-leabaidh leis sin, mar bhfágaidh sé an leabaidh faoi féin. Tosuigheann sé ag coigilt agus ag rómhar agus ag dul in diaidh a leathtaoibhe, nó nach mbeidh agad ach binnín bheag bhídeach amuigh ar colbh. Má thugann tú cead a chinn dó annsin, an céad áit eile a mbeidh tú, ar an talamh. Cé'n bhrigh ach go dtosuighidh sé ag srannadh. Shílfeá a dhearbhráthair ó gurb í "Johanny Mary na dtrí gcrann" mar adeir an t-iascaire "a bheadh ag seoltóireacht i mullach an tighe".]/ Cuireadh an churrach isteach indiaidh a leathtaoibhe ar an gcarraig, agus dheamhan ar h-ionntuigheadh í th'éise sin. Marar h-ionntuigheadh bhí an tseamair Mhuire aca. Dhá dteigheadh sí oiread na fríde eile isteach bhí lá soir déanta orra / Dhá mbeitheá ag siubhal an bhóthair bonn ar aon léithe, diabhal easna di nach mbeadh ag sníomh ar chuma eicínt indiaidh a leathtaoibhe nó go gcuireadh sí isteach ar an móinín bán thú. Ní thugann sí féin faoi deara chor ar bith é. Ba deacair dhi agus an síorádh a bhíos uirre /[An bhfeiceann tú an áit a bhfuil lorg an rotha. Níl sé orlach ó bhruach. Ba bheag eile muis a ghabhfadh sé indiaidh a leathtaoibhe ins an am a mbeadh sé thíos ins an bhfiodán. Dar dia-guidhe muise, dhá dteigheadh sé síos, ní chuirfeadh Goll Mac Móirne aníos aríst é. Diabhal cur ná cuid de chur]/ Aithnighim go maith air go mbeidh sé ag dul indiaidh a leathtaoibh mar siúd, nó go dteighidh sé isteach dorus Ph. Sin í an chluanaidheacht atá air. Ag iarraidh sciorradh isteach inganfhios mar dhóigh dhe. Nachar chuíbheamh-la dhó go fada bualadh isteach agus a phionta a ól ná a bheith ar an aisiléar-

acht bheag sin / D'fhéach sé indiaidh a ghualann = siar thar a ghualann, nó i leathtaobh thar a ghualainn / Hébrí cé'n breathnú a thug mé indiaidh mo ghualann nach bhfaca mé in a phlíoma annsin é, ag féachaint idir an dá shúil orm. "Shíl mé gur fhága mé thusa in mo dhiaidh ins an mbaile" arsa mise. "Ní h-amhlaidh" arsa seisean. "Tusa a d'fhága mise in mo dhiaidh ins an mbaile" / Shílfeá muise, go raibh imní air, go mbeadh na buachaillí báire a bhí thiar ag doras an tseomra ag cláradh na mná, mar thugadh sé corr-bhreathnú cráidhte siar in diaidh a ghualann. Sin é an sórt duine é. Dar leis, tá 'chuile dhuine ins an bhfaire ar an mbean. Ní len a breaghaichte é muis, ach an oiread liom féin /[Tá faitíos air go bhfuil aon-cheo dhá chaitheamh inganfhios air ins an seomra. Feacha an deis atá air ag breathnú indiaidh a ghualann. Is diabhlaí an conuas fir é. D'ólfadh sé tae eile anois aríst dhá bhfaghadh sé é, th'éis nach bhfuil sé ach indiaidh eirghe ó tae]/ Cuirfidh mise ó bhreathnú indiaidh do ghualann thú, má theighim síos cho fada leat. Scread mhaidne ort a ghiolla na buinnighe, is beag a mhillfí ort, nuair a chuirfeá ins na gath scití é. Is beag a bhéarfadh air fuagairt orainn anois, scáth aithgiorra a dhéanamh thrí phóicín de thalamh bán. Dhá mbeadh casán trín a chuid cuir mar tá thríd an gcur se'againn féin, bheadh údar clamhsáin aige. /[Airigheann sé seo soir priocadh in áit eicínt. An bhfeiceann tú ag breathnú indiaidh a ghualann é. / Bonn an aoin seo thoir atá sé a fháil. Is gearr go dteighidh sí amach ag spaisteoireacht di fhéin anois, ar theacht do'n trathnón -a, indiaidh a luirgne a bhreacadh ins an teine ó mhaidin. Nach h-í inghean an duine bhoicht í!]/ Bhí sé i gciúin-chomhrádh liom thíos ag ceann an bhóthair, agus ní fhaca tú aon-fhear go h-iomaidh ba spleodaraighe ná é. Maidir le scéalta bhí siad aige: bás na caillighe, pósadh na mná óige, cogadh, aontaigh agus eile. Ach hébrí cé'n dearcadh a thug sé indiaidh a ghualann, nach bhfaca sé T. Sh. ag déanamh againn (: chugainn) aníos. Níor fhan sé leis an bhfocal a bhí ar a theanga a chríochnú, ach baint as soir an bóthar. Níl trust ar bith aige as T. ó'n oíche fadó ar ionnsuigh sé é ag teacht aniar ó'n R. /[Tá cuíbheamh-lacht mhór ins na mná atá ann anois! Go bhféachaidh an t-Athair Síorraidhe ort a mhic ó, níl ort ach breathnú indiaidh do ghualann ar dhuine aca, agus tá sí agad ar sheol na braiche. Ach má chuireann sin an iomarca anró ort, níl call duit an oiread sin féin a dhéanamh ach fead a leigean. Sin é do dhóthain / Indiaidh a dhroma a theigheas sé isteach ins an leabaidh [Feic "druim"] / Bhí mise lá thiar i dT. an Fh. agus mé ag tóraidheacht áit a dtugann siad an

D. D. air. Casadh sean-fhear dom ag cros-bhóthar ann. Sean-fhear breagh gaedhealach i gcosamhlacht. "Cé'n áit annseo a bhfuil an D. D." adeirim féin. 'Bhfuil a fhios agad cé'n freagra a thug sé orm. Is beag bídeach nachar thuit mé as mo sheasamh. Cé'n bhrigh ach sean-fhear mar é. "Teirigh indiaidh do shrúine (: sróine)" a deir sé "agus déanfaidh sí eolas duit." "Ná raibh maith agad, agus ní hé amháin" adeirimse … [B'fhearr ná sin an rud a chuala mise ag fear as D. Fh. a tháinic ag damhsa thuas tigh Mh. Bh. Bhí an ghráin shíorruidhe ag M. B. ar fhear ar bith taobh thiar de'n Ch. Shaghd muid fhéin i bhfear Dh. Fh. é.] "Céard a chas thusa annseo indiaidh do mhullaigh" adeir M. B. "Ní indiaidh mo mhullaigh a casadh ann mé, ach indiaidh mo ghléis" adeir an fear aniar / Indiaidh a tosaigh a theigheas ceann de soithigh sin síos i gcomhnaí. / 'Bhfuil tú ag iarraidh an tlú sin a chur isteach ann. Bhuel má tá, sáith isteach indiaidh a phuintín é. Níl maith ar bith dhuit an brionglán a chur ann /[Is fhearr dhuit an láighe a chur ins an talamh indiaidh a feac agus ní indiaidh a h-iarainn. Coinneochaidh sí an ghreim ar an gcaoi sin. / Sac an scian ann indiaidh a coise / Bhrugh sé an maide láimhe indiaidh a chaimín siar in a bhéal]/ Cuir isteach í indiaidh a crainn. Féadfaidh tú lann na speile a fhágáil taobh amuigh, agus greim a choinneál uirre agus ní bheidh a dhath clóic' uirre // Tá sé féin ag obair ar na bóithrí, agus gan aon-duine in a dhiaidh ins an mbaile ach an stóicín sin, nach bhfuil indon mórán a dhéanamh fós = [gan aon-duine in a dhiaidh: duine ar bith le obair a dhéanamh] / Ní fhéadfainn an teach a fhágáil agus gan aonduine in mo dhiaidh. Cé a sheolfas bó nó gamhain? /[Níl duine ar bith indiaidh an duine bhoicht sin, agus caithfidh sé a dhul ag saothrú in a dheidh sin / Nach maith an chiall agamsa é, nach bhfuil in mo dhiaidh ach girrseaichín nach bhfuil indon freastal ar bhó ná ar ghamhain]/ Is furasta dhó sin a bheith ag boithreóireacht, agus triúr riadairí in a dhiaidh. Ní hé sin don té é nach bhfuil duine ná deoraidhe in a dhiaidh / Dá mbeadh aon-duine in mo dhiaidh ghabhfainn in éindigh leat ar an bpuinte, ach níl ag baile ach mé féin / Má imigheann tusa cé a bhéas in do dhiaidh? / Ba deacair é sin a choinneál ins an mbaile roimhe seo, ach níl aonduine ina dhiaidh anois / Níor chás liom é dhá mbeadh aonduine in mo dhiaidh, ach níl ná geinealach an bhéil bheo — níl sin / Is lag lúbach an mhuirín atá in a diaidh — an bhean bhocht = máthair a fuair bás / Cailleadh óg í agus áilín ar aon-chéill in a diaidh // Chuaidh sé indiaidh na mbeithidheach ar ball = dá seoladh,

dhá dtabhairt abhaile nó ag giollaidheacht orra / Tá sé thar am ag duine eicínt a dhul indiaidh na mbeithidheach, maran lib a bhfágáil amuigh go maidin / 'Sé a bhíos indiaidh an chapaill agus an chairr igcomhnaí = ag cinnireacht an chapaill agus í faoi'n gcarr / Níl duine ar bith aice anois le dhul in diaidh an chapaill. Caithfidh an bhean bhocht a díol /[Níl mo dhóthain lúid ionnamsa feasta choidhchin le dhul indiaidh capall agus carr. Tá sé in am ag duine agaibh féin anois a bheith indon ceart a bhaint daob (: díob)]/ Níl a dhóthain aoise ag an stócach sin fós le dhul indiaidh capaill, dá mbeadh sí buille meargánta chor ar bith. Is beag an baoghal / Chaith sé an samhradh indiaidh an asail = le obair áirid eicint, cuirim i gcás ag tarraint mhóna, fheamainne nó aoiligh nó a leithide / Cá'ide go mbeidh aon-mheisneach agad a dhul indiaidh an asail / Is iomdha a leithide ar fud na mbailteachaí atá indiaidh asail le dhá bhliain / Ní fhéadfaidh sé a bheith indiaidh an asail agus a bheith ag an scoil. Deir siad nach bhféadann an gobadán an dá thráigh a fhreastal /[Caithfidh sé a dhul indiaidh an chairr indiu. B'fhéidir ambáireach faoin a bheith slán duinn, go bhféadfadh sé a dhul leat]/ Chonnaic mé carr ag dul siar indiu agus gan duine ar bith in a dhiaidh mara raibh duine eicínt in a chodladh istigh ins an mbosca]/ Dheamhan fear faoi'n mbogha bán agus is mór an rud le rádh é, is measa ná é indiaidh cairr. Dhá bhfeiceadh sé an capall cineál spéireamhail chor ar bith, 'sé mo mheas go bhfágfadh sé annsin í agus go rithfeadh sé thar claidhe / Is minic a bhíos sé indiaidh bradáin = ag lorg, ar thóir bradáin ins an abhainn / Indiaidh bradáin — ag saghdadh — a bhí tú aréir / Tá sé indiaidh coiníní / An bhfuil aon-chúis leis an gcú sin indiaidh girrfhiadhachaí? / Céard a chas aniar an scramaire sin. Indiaidh ban is dóigh /[Tá sé an-mhór indiaidh cailíní le goirid / Ní theagann iabh ar bith anois air ach indiaidh mná / Indiaidh poitín atá sé. Sin é a thug annseo é = ar lorg poitín len a ól, nó má's póilí é le breith air]/ Cé'n meanmna a chas aníos chugainn é! Cheal nach bhfuil a fhios agad. Indiaidh óil. D'eile. Shíl sé go mbeadh aon-bhrabach orainn. Bailigheadh leis anois. Dhá dtuiteadh déidín aige ag súil leis, dheamhan deoir a gheobhfadh sé annseo / Indiaidh damhsaí a thug sé sin an tabhairt sin air féin anois. Nach hé an t-amadáinín é a theacht dhá mhíle déag bealaigh ar an gcuntar sin /[Indiaidh "dole" atá an boc sin. Ní fhágann sé tigh an mháistir chor ar bith le seachtain, ach é dhá choinneál ag scríobhadh, i gcomhnaí, i gcomhnaí / Indiaidh airgid atá sé. M'anam marach gurb eadh, gur beag an luadh a bheadh aige sin trí lá a chur amú thíos ins an teach sin. Dheamhan baoghal a bheadh air]/

Indiaidh an airgid a bhíos 'chuile choir. Cá'il an té a ghabhfadh i gcontabhairt a chrochta marach an t-airgead / Is diabhlaí an tsaint a bhíos indiaidh an airgid ag cuid de na dhaoine. An bhfeiceann tú an rud a rinne sé sin thoir? /[Indiaidh an airgid atá sé agus ní indiaidh na mná. Sin é grádh na h-ailpe / Is cóir adeir siad gur indiaidh an tsolamair a bhíos an grádh. Phós sé an ágóidín sin le saint in a cuid airgid. Is mór an feall in a dheidh sin féin a mhacsamhail d'fhear bhreagh a chur amú léithe / Ní fhaca mé an oiread sin de bhrabach in a diaidh riamh cheana = dá barr; níor fritheadh an oiread sin brabaigh uirre ariamh]/ Is beag 'e bhrabach a gheobhas tú in a dhiaidh sin, deirimse leat. 'Chuile phighinn ag dul ins an stoca. / Ní bhfuighidh bean an ósta aon-bhrabach in a dhiaidh nó d'athruigh sé. 'Ar ndú' mo léan níor athruigh / Ní raibh an chianóg ruadh (: de bhrabach) agamsa ariamh in a dhiaidh / Fág do dhiaidh é / D'fhága sé an bhoichteanacht in a dhiaidh an lá ar phós sé = thug sé cúl do'n bhoichteanacht / Tá na póilíos in a dhiaidh = ar a thóir / Tá an buachaill in do dhiaidh = tá tú i dtús slaghdáin / Bhí a fhios agam ar a theacht abhaile dhom aréir go raibh an buachaill in mo dhiaidh = an slaghdan orm /[Breathnuigh in a dhiaidh sin, nó mara bhfuil mise ag dul amú go mór, is fear é a bhfuil rún aige droch-chor a thabhairt dhó féin = tabhair aire dhó; bí ins an áirdeall air / Ní raibh duine ar bith le breathnú in a diaidh, agus cuireadh isteach ins an "bpoorhouse" í faoi dheireadh / Caithfidh mé breathnú indiaidh na bó sin = aire a thabhairt di; a bheith ins an áirdeall uirre]/ Níl breathnú ar bith indiaidh na bhfataí agaibh agus gan a fhios agaibh nach leathta ins an bpota atá siad agus an dabhach teine atá fútha. Dubhairt mé lib a dtógáil cnag-bhruithte / Is beag a bhreathnóchas in mo dhiaidh féin ná indiaidh mo chloinne, má thárluigheann tada dom choidh-chin, 'sábhálaidh Dia sinn. 'Sé an chaoi a bhfuil sé ins an saoghal seo, mara mbreathnuighidh 'chuile dhuine in a dhiaidh féin, beidh sé ar deireadh /[Níl call breathnú indiaidh móna ná tada ar an aimsir seo.
Triomóchaidh sí uaithe féin agus an spalpadh atá ann]/ Níl breathnú indiaidh aon-cheo ag S. anois. Tá sé ag fágáil 'chuile shórt fútha féin. Bhí sé in am aige ciall a theacht dó, agus gan a bheith dhá shárú féin 'scáth a bhuidheachais. Is fhearr go deireannach ná go bráth mar sin féin / Shílfeá nach bhfuil breathnú ar bith indiaidh na gcaorach sin, ach cead aca a rogha rud a dhéanamh. Bhí siad thoir ar chuid J. T. Mh. indiu.
Mise imbannaí má bhíonn 'u' gcuid féin foghluighthe gur maith gasta

a bhéas sib amuigh dhá fhuagairt / Chuir sé na póilíos in mo dhiaidh = ar mo thóir. / Shaghd sé an madadh gur chuir sé indiaidh na gcaorach é = ag rith in a ndiaidh / Tá mise in do dhiaidh a bhuachaill, agus ní chomhnóchaidh mé choidhchin go mbainidh mé sásamh dhaot (: díot) / Is fada in do dhiaidh mé ach tá tú agam ins an deireadh. Cuir dhíot anois / Ní fhaca mé aon-fhear ariamh a chruthuigh cho maith leis, lá agus go raibh an Búrcach an fhad ina dhiaidh, gur thug sé an eang leis uaidh. /
/[D'fhága sé go leor airgid in a dhiaidh = len' udhachta; tar éis báis a fháil / An raibh mórán in a dhiaidh meastú? Cupla céad? / Sílim gur beag a bhí indiaidh Sheáin, ach bhí sé indiaidh an dearbhráthar eile — lán mála dhe]/ Tá tú ag déanamh airgid as éadan agus fágfaidh tú in do dhiaidh uiliog ar ball é. Dheamhan pighinn dhe a thiubharfas tú leat ach an oiread liomsa / D'fhága sé saidhbhreas na saidhbhreas in a dhiaidh, agus tá a chuid daoine muintreacha ag scliúchas faoi ó shoin. Is minic, 'ar ndú' a leig béal na h-uaighe rud le béal na truaighe // Bhí sí indiaidh Chloinn Mhac Confhaola sin ariamh = bhí an eitinn ionnta; ghreamuigh an eitinn dóib / Bhí an tsaint indiaidh an dream céadna 'chuile lá ariamh. Ba mhian leo a dhá láimh a chuir timcheall ar an saoghal agus é a bheith acu féin ar fad. / Ní raibh aon-lá ó rugadh an chéad-fhear aca, nach raibh an deagh-chaint indiaidh na n-Éamuinn sin. Ar chuala tú aon-nathuigheadóir beo mar Joe sin. Bhuel ní raibh tada dhá thais ag Pádraig, agus, 'ar ndú sean-Éamonn féin, deir an dream a chonnaic é nach raibh cinneadh go deo leis /[Ní raibh aon-duine ar an bhfeadhain aca sin ar 'chuile thaobh nach raibh buadhannaidheacht eicínt de'n tsórt sin in a dhiaidh. Shílfeá dheamhan mórán ainis a bhí ionnta, agus in a dheidh sin féin d'eirigh fir thar cíonn le 'chuile dhuine aca … Bail ó Dhia ar do chuid spré. Cá bhfuighidís spré. Ní raibh a leithide aca. Ach bhí siad indon na fir a fhastú pé aca sin é]/ Tá an t-ól igcomhnaí indiaidh na Maidhc-eannaí. Is faisean é a bhí aca uiliog / Ní fhaca mé aon-duine de na Loideáin chéadna ariamh nach mbeadh an criotán sin ina dhiaidh. Bhí sé in a lionnán (: leannán) ag Micil, agus ní fhaca tú Peait aon-lá ins an mbliain — an lá a mbeadh an fiach dubh ag cur a theanga amach cho maith le chuile lá eile — bheadh slócht air /

Tá an nathaidheacht in do dhiaidh igcomhnaí. Níor scar sí ariamh leat. Dheamhan é muis ná go dteighidh na h-ordógaí ort / Nach diabhaltaí atá an ghaisce in a dhiaidh igcomhnaí. Tá muis, agus beidh. Ní bheadh sé beo, mara mbeadh an áibhéil bheag sin aige. Ach dheamhan dochar ann thairis. Duine soilgheasach é lá an anshógha / Mise imbannaí go bhfuil an forú in a dhiaidh. Is dual dó sin mar bhí sé indiaidh a athar féin /[Ní fhaca mé an t-athair ariamh ag siubhal de réir a choise, ach ag bog-shodarnaighil igcomhnaí. Dhá suidheadh sé síos, bheadh sé dhá shníomh agus dhá lúbadh féin go mbeadh sé ina shuidhe aríst. Dheamhan ab é an oiread sin oibre a bhíodh de bharr a chuid forú in a dheidh sin]/ Nach leis féin a chuid talmhan. Cé a thiocfas in a dhiaidh air? = cé a thiocfas in a bhéal (nó in a bharr) air; cé a éileóchas a bhaint dhe /[Coinnigheadh sé a udhachta. Tuige nach gcoinneochadh. Níor chuala muide go raibh duine ar bith ag iarraidh a dhul in a diaidh air. Ní bheadh aon-ghoir ag aonduine a dhul in a diaidh air, ar aon-nós. Tá siad ro-fhada amach ingaol uaidh]/ Diabhal aithne air leis an gcaint atá air, nach duine eicínt atá ag iarraidh a dhul indiaidh an gharrdha sin air. 'Sé an frae é go deimhin. Ní fiú do sheacht mallacht é / Tá sé mall aca anois a dhul ina dhiaidh air, agus é dhá bhliain ann. Dhá dtapuighidís é an uair a tháinic sé isteach ins an ngabhaltas i dtosach, b'fhéidir go n-eireochadh leo a chur as amach, ach an rud a theigheas i bhfad, mar adeir an sean-fhocal teigheann sé i roighineadas / [Coinnigh do shean-dúda lobhtha. Níl duine ar bith ag dul in a dhiaidh ort. Is suarach an éadáil é ar aon-chor ag aon-duine.]// Tá caitheamh in a dhiaidh agam [orm freisin] nach raibh mé ann in am, arae ní mar sin a bheadh sé dhá mbeinn = brón, aithmhéala, diomdha orm [fuaim: caith. níl thairis sin ann. Sin í fuaim an fhocail caitheamh i gcomhnaí, go fiú agus an uair a bhíos guth in a dhiaidh] / Bhí an-chaitheamh in a dhiaidh aige nach bhfaca sé T. Bhí sé dhá thóraidheacht, ach níor eirigh leis a fheiceál in a dheidh sin fhéin /[Cé'n mhaith dhuit caitheamh in a dhiaidh a bheith ort anois. An uair a bhí agad do ghnatha a thapú, níor thapuigh tú í, agus ó thárla nachar thapuigh tá tú as anois]/ Bhí an-chaitheamh in a dhiaidh agam an uair a d'imigh sé = cumha / Tá caitheamh mhór in a dhiaidh agad go deimhin! / "Báitheadh Tom agus Peadar orm agus bhí caitheamh mhór agam in a ndiaidh" [Currachaí

Thír an Fhiaidh] /[Ní raibh an oiread caitheamh indiaidh aonduine dhár thóig mé ariamh agam agus a bhí agam indiaidh Sheáin. Chuir sé duibhthean ar mo chroidhe an lá ar fhága sé an teach amach]/ B'fhéidir inDomhnach go bhfuil caitheamh indiaidh na scoile air / Tá an slaghdán dhaot (: dhíot) agad anois. Shílfeá gur ag caitheamh in a dhiaidh atá tú. Dar príosta b'fhéidir gurb eadh! / 'Sé a bhfuil de chaitheamh in a diaidh agam nachar chuir mé olc uirre tí (: ní) ba mhinicí! B'fhurasta sin a dhéanamh /[Ná déan. Fág len a anshógh féin é. Ní beag dhó a bhfuil air. Má thugann tú aon-iarraidh dhó, b'fhéidir gur caitheamh in a dhiaidh a bheadh agad aríst.]/ Ní beag dhom a bhfuil de chaitheamh in a ndiaidh orm agus gan tusa a bheith ag cur tuilleadh orm. Breagh nach ndúinfeá do chlab mór uair eicínt / Tá caitheamh in diaidh ag na daoine anois nachar ól siad a ndóthain chomh uain agus a bhí an t-ól saor. Ní fheicfidh tú an pionta anuas ar dhá phighinn aríst go deo. / Ná bíodh caitheamh in a dhiaidh ar bith ort. Tiocfaidh sé ar do dheis aríst le congnamh Dé. Béarfaidh bó eicínt laogh eicínt lá eicínt /[Tá caitheamh indiaidh a chéile aca. Ach tá siad réidh le chéile anois. Tá 'chaon duine aca pósta le duine eile]/ Bíonn caitheamh mór indiaidh an óil agam an uair a mbím an áit nach mbíonn an coimneas agam ar a fháil, ach dá mbeadh ní iarrfainn aon-deoir go h-éag // Níl mise indiaidh an méid sin air anois. Fuair sé lascadh maith = ní mór liom dó an lascadh a fuair sé; is maith liom go bhfuair sé an lascadh / Bailigheadh leis anois. Níl mise indiaidh an méid sin air. Fuair sé gob maith / Ní bheinnse in a dhiaidh ar Shasana, dhá bhfaghadh sí a sheacht n-oiread. Thuill sí é. Ba mhaith uaithe féin créatúlacht a dhéanamh comh uain agus a d'fhéad sí /[Thug tú fúithe garbh é, agus, 'ar ndú mo léan, má tá mise in a dhiaidh uirre, castar liom é. Is fada an méid sin ag tastáil uaithe; ag teacht isteach annsin 'chuile oíche dhá n-eirigheann ar a súil, agus an oiread gláimhthéisc' agus gailimaisidheacht aice agus a bhodhróchadh na daoine, dhá dtugaidís aon-chluais di]/ Is mé atá indiaidh mo chuid tobac air, ach céard a d'fhéadfainn a dhéanamh. Ní raibh aon-ghoir agam gan a chaitheamh aige ó a chonnaic sé ag deargadh mé / Ní bheinn indiaidh buille nó dhó air ach mé féin dhá dtabhairt dó. Ach dhá dtugadh duine eicínt eile dhó iad

bheadh an duine sin do mo chur as mo shásamh. Níor mhór dom fhéin an bualadh a dhéanamh go mbeadh sógh ceart agam air /[D'eirigh áit mhaith leis, agus níl mé ina dhiaidh air. Tá sé fhéin go maith. Dheamhan a bhualadh ann]/ Ní bheinn indiaidh a raibh istigh agus amuigh agam a thabhairt di, ná ní mhaoidhfinn uirre go bráth é, marach an bealach gránna atá léithe féin. Dhá dtugthá an saoghal mór di, bheadh sí ag banrán in a dheidh sin nach raibh a díol aice /[Is mé atá indiaidh mo chuid pórtair air, ach ní fhéadfainn droichead a dhéanamh dhó in a dheidh sin ó a casadh ann é.]/ Bí indiaidh 'chuile shórt air sin. Ná tabhair solus an lae dhó má fhéad-ann tú a choinneál uaidh, mar 'séard é féin suaracháinín gortach daoitheamhail. Leaghfadh sé an talamh a siubhailfeadh duine air dhá mbeadh an "power" aige a dhéanamh /[Níl mé in diaidh an "feaig" air! M'anam-sa ó'n diabhal go bhfuilim agus nach bhfuil maith ar bith a mhalrait a rádh. Ba ghéar a theastuigh sé uaim féin, agus go mbeidh mé spurtha shul a fheicfeas tú dhá lá]// Bhí sí ag gol indiaidh Sheáin = é básuighthe / Is maith an earradh é sin indiaidh slaghdáin / Ní cuíbheamhail an rud le déanamh é indiaidh sochraide / 'Sé an chéad ball é a chonnaic mé indiaidh eirghe dhom / Indiaidh imeacht di a fritheadh é / Tá sí indiaidh cloinne aríst = indiaidh páiste / Dhá mbeinnse cho críonna roimhe agus a bhí mé in a dhiaidh, is fada go mbeadh mo láimh ann, ach ní fhaghann duine ar bith a chomhair-leachan in aisce chreidim / Ní raibh fhios agam é go dtí ina dhiaidh sin. Bhí sé buille mall annsin = tar éis sin; taréis an ruda / Dhá bhfanainn go dtí in a dhiaidh sin, bhí agam, ach níor fhan. In a dhiaidh a fheictear do'n Éireannach a leas i gcomhnaí /[Bhreagh nachar fhan tú go dtí in a dhiaidh sin agus bheadh breith mhaith agad air]/ Fuair mé amach in a dhiaidh sin nachar dhubhairt sé é chor ar bith ná gan diabhal rádh, ach bréag a dhul air / Is fada in a dhiaidh sin go ndearnadh é sin /[Dubhairt Mac Dé nuair a bheadh an dá mhíle seo caithte (: suas go dtí 2000 A.D.) nach raibh a fhios cé's mó a bheadh in a dhiaidh ná roimhe]/ Indiaidh an méid sin ar fad cé'n bhail atá anois air. Nach bhfuil sé i gcruth a dhul ag iarraidh a chodach. Chuala mise ariamh é gur mairg a bheadh go h-olc agus go bocht in a dhiaidh / Ná bíodh faitíos ort. Rachaidh mise faoi dhuit nach gcloisfidh tú aon-cheo in a dhiaidh sin. Tá sé indon a bhéal a choinneál ar a chéile, ní hé sin do thuilleadh é / Beidh tú ag teacht isteach uirre indiaidh (: i leabaidh) a chéile. Deir siad gur teanga chruadh í an

Ghaedhilge le foghluim / Is beag atá aige indiaidh na saighdiúir = bhí sé scathamh ins na saighdiúir, ach níl mórán dhá mbarr aige /[Shílfeá go mbeadh pighneachaí eicínt thairis sin aige indiaidh Shasana, nó an raibh tada aige? Ba é cuid an bheagáin é déarfainn]/ Sin é an chaoi a bhfuil sé anois indiaidh a shaoghail, gan luach a bhéilí aige / Is beag a bhéas agad indiaidh do shaoghail má fhan-ann tú annsin. B'fhearr dhuit imeacht go fada / Ná bac le tada a bheith ag duine indiaidh na móna. Dheamhan ceo a bheadh agad go bráth ina diaidh / Ní bheidh mórán ag duine ar bith indiaidh na talmhana, ach do dhá cheann ins an talamh, ó mhaidin go faoithin agus gan cuid an fhiuntais agad ina dheidh sin indeireadh na bliana /[Bíonn sprus mór airgid anois indiaidh na móna ó a thosuigh an cogadh. Roimhe sin dheamhan mórán a bhíodh dhá barr ná cuid de mhórán]/ Duine ar bith atá i gcleitheamhnas cairrgín, 'sé cuid an bheagáin a bhéas ina dhiaidh aige. Níorbh fhiú do dhuine a bheith dhá mheárú féin le rudaí de'n tsórt sin ar scáth a luach saothair // Tá mé indiaidh greim a fháil ar an leabhar sin le fada = tá mé indiaidh an leabhair; bhí fonn orm a fháil le fada [feic "tá mé in a dhiaidh air", thuasluaidhte] / [Tá mé indiaidh é a fheiceál le dhá lá, ach chinn orm in a dheidh sin / Is fada mé indiaidh buille a fháil ar an gcarachán sin, ach níor casadh in mo bhealach ceart é in a dheidh sin]/ Sílim go bhfuil sé indiaidh seans a fháil ar T. Má fhaghann tiubharfaidh sé bóthar dó /[Bhí sé indiaidh deis a fháil ar an talamh sin le tamall. Tá sé aige anois]/ Ní raibh sé indon aige in a dheidh sin [: fuaim ei fearacht leis, breis, ceil, sleid, agus rl. An fhuaim sin a bhíos ar "dhiaidh" ins an leagan seo agus freisin i "in a dheidh sin agus uiliog", "in a dheidh sin féin." Má chialluigh-eann "dhiaidh" taréis i gcúrsaí áite nó ama, fuaim ia mar atá i "Dia" "ciall" agus rl. atá air. "Tá mise in a dhiaidh sin" = I am behind him. "Níor tháinic sé go dtí in a dhiaidh sin" = he only came afterwards; ach "ní raibh sé indon aige in a dheidh sin = he was not able for him all the same (: in spite of that agus rl.) / Mhasluigh sé tú, agus níor bhuail tú é in a dheidh sin /[Mhasluigh sé thú agus, in a dheidh sin agus uiliog (uilig) ní bhuailfeá é = in spite of all; considering everything]/[Tá an-fhoghluim air agus in a dheidh sin féin níl tuiscint (: tuigsint) ar bith aige = "just the same" / Tá "dole" mór aige, agus pinsean sean-I.R.A. agus tá punt sean-phinsean ag teacht isteach ann 'chuile seachtain, agus chúig leath-choróin" (: alúntais páistí), agus deich nó dó dhéag de phunta d'airgead na Gaedhilge sin, agus in a dheidh sin féin, tá an

béal bocht air, agus bíonn an oiread fuasaoid' aige agus shílfeá nach dtáinig aon-tsaoghal ariamh is measa ná é]/ Tháinic sé go dtí an béal agam ach níor dhubhairt mé é in a dheidh sin / Ní móide go raibh tú indon an méid sin a dhéanamh, ach in a dheidh sin agus uiliog, bhí tú indon rud eicínt a dhéanamh / In a dheidh sin féin anois, ní fhéadfá a rádh gur cneámhaire é. Is fada uaidh é. Thug sé rud duit in ómós do chuid airgid. Ní bhfuightheá sásamh ar bith i gcúirt air /[Deir 'chuile dhuine nach ndearnadh leath an chirt leis, agus nach bhfuair sé ach ar thuill sé. Ina dheidh sin agus uiliog, an dream céadna, atá ar an gcaint sin, dhéanfaidís féin an rud ceanann céadna nó rud is measa ná sin ar maidin ambáireach, dá sílidís go rithfeadh leo]/ Rinne sé sin ar fad, agus cuid mhaith leis, ach in a dheidh sin féin, ní droch-fhear é, do'n té a bhfuil sé leis. 'Bhfeiceann tú a mhuintir féin annsin thiar, agus níl duine ar an bhfeadhain aca, nach bhfuil teach nua ceann-scláta as a chionn, gan sciúrtóig ariamh a chailleadh leis. Thiubharfainnse fear maith ar fhear ar bith nach bhfág -faidh a dhuine féin ar deireadh /[Thiomain mé air é míle uair, ach ní raibh aon-mhaith ann, ní ólfadh sé é in a dheidh sin]/ Chuir sé a dheirbhshiúr de dhruim tighe. Chonnaic mé í an lá a mb'éigin di féin agus dhá h-áilín G. síos a thabhairt orra féin, agus scrúdfaidís thú breathnú orra. Rinne sé sin, agus déarfá gur beag an tsúil le Dia a bheadh ag duine ar bith a mbeadh baint na páirt aige len a leithide de chleas.

In a dheidh sin agus uiliog, tá daoine ann — agus cuid dá mhuintir féin freisin — adéarfadh leat nach ndearna sé leath-cheart léithe /[Chinn air aon-deoch a fháil in aon-teach ins an tsráid ag teacht anoir dó, arae bhí na póilíos amuigh ins an áirdeall orra. Tháinic sé abhaile agus chuir sé na buinn le teine. Ba ghearr go dtáinic M. Bh. isteach agus d'innis sé dhó faoi'n gcaoi ar chinn air aon-deoch a fháil. "'Chuile sheans go bhfuil siad ag leigean isteach daoine faoi seo" adeir M. Bh. "ní mhaireann an daol sin ach tamall." Ní dhearna sé filleadh ná feacadh ach an dá bhróig a shacadh air féin agus a dhul soir aríst de mhaol a mhainge. Ina dheidh sin féin nach diabhaltaí an cathú a bhí air sin]/ Chuir mé aoileach agus leasú siopa agus feamainn dubh orra: dalladh dhaob (: dhíob). Bhí sé sean-leasuighthe agam freisin. Ina dheidh sin agus uiliog, ní raibh aon-fhata air. Cé'n chiall sin? Níl a fhios agam ó Dhia anuas. Gan an bhliain a theacht cóireamhail nó caoi eicínt / Bhí a raibh ins an teach thíos leis an bhfiabhras. Dheamhan lá dhár eirigh orm, nach dteighinn isteach ann, agus níor thóig mé é in a dheidh sin, míle buidheachas le Dia. Gan an t-imeacht a bheith orm chreidim. Marab eadh níl' fhios agam céard é /

Tuilleadh: ní raibh mé indiaidh an lae orm féin = ní raibh aon-chaitheamh in diaidh an lae agam = ní raibh aon-bhrón orm faoi'n gcaoi ar chaith mé é, nó faoi na rudaí a rinne mé /[Ní raibh mé indiaidh an lae orm féin chor ar bith. Caithfidh duine eirghe-amach a fháil uair eicínt. Cidh Dia nach beag duinn an t-achar a bhíos muid ag obair]/ Is géar atá mé indiaidh mo shásamh a bhaint amach = tá mé ag lorg dioghaltais / Náire ortsa go deimhin! Is fadó an lá a d'fhága tú indo dhiaidh í = is fadó an lá ó a scar tú léithe /[Ná caintigheadh sí ar náire liomsa. Is fadó an lá ó a d'fhága sí ina diaidh í]/ Fuair tú amach an té a mbeadh gnaoidheamhlacht ann. Mo chreach mhaidne, is fadó a d'fhága sé in a dhiaidh a raibh de ghnaoidheamhlacht ag siubhal leis. Diabhal a raibh de chailleadh air shul a phós é, ach bhí sé bocht an uair sin. Cho luath agus a thosuigh an saoghal ag féithiú leis, chaith sé an bhoigshíneadh in aer / [Do dhubhshlán an bhoichteanacht a shamhlú anois leis. Is maith an scath-amh ó a d'fhága sé in a dhiaidh í. Dhíol sé an déirce mar adeir an ceann eile.]/ D'eirigh sé as an nathaidheacht sin. D'fhága sé in a dhiaidh í. Níl a fhios agam nach bhfuair sé a sháith di. Bhí sé ag tarraint an iomarca siothmálachaí air féin len a chuid deagh-chainte. Is maith an bannaí ar an teanga a mhic ó, corr-chriogaide a fháil /[D'fhága sé an tsleamchúis sin ina dhiaidh an lá ar phós sé. Is fear sáthach críonna ó shoin é. Mhúinfeadh an bhean siúd aige ciall do na luchain. Mhúin sí ciall dósan ar aon-chor]/ Ní fheicfidh muid é sin, ach b'fhéid -ir go bhfeicfeadh an dream a thiocfadh in a' (: ar) ndiaidh é / Ní chuirfidh mise mórán anró orm féin ag réidhteach talmhana. Déanadh an dream a thiocfas in mo dhiaidh a rogha rud = na línte atá le theacht / Ní raibh aon-rath air féin ná ar a chlann in a dhiaidh / D'fhan siad mar sin, agus a gclann in a ndiaidh / Chonách sin ort agus ar do chlann in do dhiaidh /[Ní bheidh lá foráis air ná ar a chlann in a dhiaidh, mar fuair sé an t-airgead cho mí-dhlisteanach sin]/ Beidh feamainn ann indiaidh a bháis. Shílfeá nach mbeadh sé cho sanntach sin ag an saoghal /[Diabhal bacadh a dhéanfas mise air, ná cuid dhe bhacadh: oibrigheadh sé leis. Beidh talamh ann indiaidh a' (: ar) mbáis. Fágfamuid in ar ndiaidh uilig é, fágfaidh sin / indiaidh le, indíth le = Fc. geall gioll /

Diúirinn, Diúirlinn, Giúirlinn, Diúirín, Giúirín, Giúirinn, Giúirneach

Diúirneach = ainm-fhocal, buineann, tuiseal geineamhnach uathaidh: na diúirinne, na diúirlinne, na giúirlinne agus rl. Uimhir iolraidh: diúirinneachaí, diúirlinneachaí, giúirlinneachai, diúiríní, giúiriní, giúirneachaí agus rl. [Tá na leagain réamhráidhte ar fad ar an bhfocal. Athruigheann g agus d le chéile go minic i dtús focail, ach thairis sin féin, chuala mé na leaganachaí seo ar fad ar an bhfocal in aon-cheantar amháin: Cois Fhairrge]

Diúirinn: péist shliogánach a thollas adhmad a bhíos aon-achar in uisce, nó faoi amluadh. Tionnscluigheann siad in a lannaí beaga taobh amuigh ar an adhmad, ach teagann méid agus fad ionnta i leabaidh a chéile. Faoi cheann cheithre mí nó mar sin, bheadh fad dhá throigh ionnta ar shail a bheadh ins an sáile. Tar éis trí ráithe bheidís amanntaí cho maith le sé troighthe nó gar dhó ar fad. Bíonn dhá sliogán orra agus an phéist istigh eatorra. Buidhe atá an phéist ach gorm nó glé-ghorm a bhíos na sliogáin. Ach tá cupla cineál ar a laghad aca ann: cineál a bhfuil druim glas orra, agus cineál eile agus is dubh a bhíos an druim aca. An poll a ghníos siad isan adhmad, níl méid ar bith ann. Níl ann ach go dteigheann mar a bheadh snáth beag ó'n diúirinn isteach ann. Bíonn cuid de'n phéist istigh agus an chuid eile taobh amuigh agus an snáth sin dhá bhfastú dhá chéile. An ceann de'n diúirinn a ghníos an farcadh, tá dhá shliogáinín air. Is cosamhail gur leo sin a thollas siad an t-adhmad. Tá dhá shliogán mhóra mhillteacha eile air, agus tig leis a n-oscailt ó chéile, len a sháith de'n tsáile a ól. Farcann siad adhmad as éadan. Bíonn sé rodtha uiliog dhá mbarr má chaitheann sé aon-achar is an bhfairrge. Leis an snáth nó le stuf a ghníos siad an tolladh i gcomhnaí. Ní theigheann siad in aghaidh stuif. Déanann siad fabharcáin mhóra istigh isan adhmad. Bíonn sé farctha as éadan má bhíonn sé sáthach fada ar fairrge. Ní thollann siad díreach chor ar bith, ach ag dul anonn agus anall agus ag seachaint na n-alt, agus cé go mbíonn na cuasáin a ghníos siad buailte ar a chéile, ní theagann siad salach ar a chéile aon-uair. Cruthuigheann giúirinneachaí ar adhmad a bheadh faoi amluadh: caithte amuigh ar shráid nó áit a mbeadh uisce ag comhnú ann, ach ní bhíonn ionnta sin ach ceanna

beaga. Cruthuigheann siad freisin ar iarann nó ar ghloine nó ar leathar a bheadh isan sáile, ach cinneann orra iad sin a fharcadh mar a ghníos siad leis an adhmad. D'fheicfeá freisin ar ghuib éanachaí áiride iad agus na h-éanachaí sin beo (: éanachaí guairneáin), agus bíonn siad ar an mbreach diúirinneach, agus deirtear freisin go ngreamochaidís do shuirc agus d'éisc mhóra mar sin.

Fág an sean-roth sin amuigh annsin. Ní dhéanfaidh sé sin aon-bharra go deo arís. Nach bhfeiceann tú ag déanamh giúirinneachaí as éadan é. Tá sé indon a ndéanamh amuigh 'san tsráid sin / Fuair muid an-tsail, agus gan a dhath uirre cé's moite de chupla diúirín in a h-éadan ach níorbh fhiú biorán iad /[Tá sí ó maith. Nach ndearna muid a tligean thíos 'san gcladach, agus tá sí farctha as éadan. Chloisfeá an ghaoth ag feadghail istigh innte leis an mbail atá uirre ag diúirinneachaí / Chaithfeadh sé go bhfuil an t-adhmad sin an-fhada 'san bhfairrge. Tá sé faoi ghiúirlinneachaí uiliog / Níl a dhath ar an gclár sin. Fagh do scian bheag agus scríob dhe na giúir-neachaí sin, agus feicfidh tú féin air go bhfoghanfaidh sé / Marar fritheadh fós é beidh sé faoi dhiúirinneachaí / Is diabhlaí an brat diúiríní a bhí ar an mbairille siúd a fuair sé an lá cheana. Ach má bhí féin, ní dheachaidh siad thríd in a dheidh sin]/ Níl mé indon na sliogáin sin atá ar na giúirlinneachaí a fhuilint. Marach sin b'fhurasta dhom congnamh a thabhairt duit léithe. Tá siad an-ghéar, an-choiligneach / Is diabhlaí go deo an fad atá is na giúiríní sin. Ní fhaca mé ceanna cho fada sin ariamh. Ní fiú do sheacht mallacht an t-adhmad sin anois. Tá sé rodtha ar fad aca. Bhí sé cho maith a fhágáil annsin 'dtigh diabhail, agus gan a bheith ag cur easonóir ort féin dhá iompar abhaile, agus nach dóigh an Cháisc ar an Domhnach nó go dtuitfidh sé in a mionús ort shul a bhéas tú ag an teach /[Sean-bhádóir a bhí ann, agus feasóig mhór dhubh air, agus báirnigh agus diúirlinneachaí ag fás air! / Chuala mise go mbíonn giúirinneacha ag fás ar fhear do thíre-sa. Ní móide gur fíor dhóib é! = le fear as oileán adubhradh]/ Bíonn tóin na soithigh móra plátáilte. Marach sinn, 'ar ndú' ní shíleann tú gur acmhuinn a bheadh aca ar na diúirlinneachaí. Ní bheadh seasamh ar bith ag an

adhmad ar na diúirlinneachaí marach na faoilleáin. Leagann siad sin orra uair ar bith a bhfaghann siad an dóigh /[Bíonn dhá bhrat de na giúirinneachaí sin féin ann. Is beag an mhísc a ghníos an chéad-bhrat chor ar bith mar ní bhíonn faobhar ar bith ar na fiacla aca; ach tuiteann siad sin, agus aimsigheann an darna brat annsin é (: an t-adhmad). Sin iad na buachaillí aige! / Éadáil gan aon-tairbhe a tháinic ar an gCogadh seo. Bhí sí ar fad farctha ag giúirinneachaí. Fuair mé dhá bhairille, agus cho luath agus a rug mé orra, níor fhan canda ná éadan ionnta nachar thuit ó chéile. Bhí siad foiricighthe le na giúirinneachaí amach agus amach]/ An Breac Diúirinne, an Breach Giúirinne agus rl. = bric bheaga tuairim agus sé h-ordlaigh ar fad, déanamh pónaire orra agus iad ar dhath na diúirlinne nó mórán é (:fc. diúirinn thuas). Níl mórán rosaighle chor ar bith ionnta; tá na béil plubach aca, agus camóig bheag orra. Bíonn cuid aca nach mbíonn fad do ladhairicín ionnta. D'fheicfeá mearbhall griodánta orra is an oiche is an sáile. Coigligheann siad iad féin isteach faoi na giúirinneachaí ar shail nó ar chlár, nó ar raic ar bith de'n tsórt sin. Bíonn siad istigh i mbairillí agus i mboscaí, agus i gceaigeannaí a theagas isteach is an mbruith faoi thír. Ní léar do dhuine cé'n chaoi a dteigheann siad isteach in áiteachaí de'n tsórt sin, nuair nach mbíonn oscailt ar bith ionnta a thiubhar-fadh leigean dóibh. Deir daoine go leigeann siad na h-eochraí isteach i scáine ar bith a fhaghas siad isna cláir, agus go síolruigheann siad agus go dteagann siad in inmhe istigh. Ar aon-chor is doiligh a thuiscint cé'n chaoi a mbíonn siad i mboscaí daingeana nach mbeadh poll ná puirín orra go bhféadfaidís a dhul isteach ionnta. Tá scáth ag na daoine rómpa. Níl slacht ar bith orra thar aon-bhreac. Síltear nach ádh ná amhantar a bhfeiceál, agus go bhfuil geis orra ag an sluagh sidhe. Ní dhrannfadh an chuid is mó de na h-iascairí leo ar bhás an domhain: leigtear cead an bhealaigh amach aríst leo, nuair a fhaightear i mbairille ná i mboscaí iad. Má bhíonn siad ar shail, leigeann siad iad fhéin as greim cho luath agus a bhuaileas an tsail tír, agus as go bráth leo amach an fhairrge aríst. D'fheicfeá na diúirlinneachaí foiricighthe ar a mbéal. Níl aon-chol ag na

muca mara ná ag na faoilleáin ná ag cuid eile de na h-éanachaí leo. Déanann siad lá soir orra, má fhaghann siad leigean orra ar shaltrachaí nó ar adhmad i mbarr tuinne.
Deirtear freisin dhá dteigheadh duine ar mhaide rámha i gcleitheamhnas é fhéin a thabhairt slán ó bháthadh, go ngreamóchadh an breac diúirinne dó, agus go mbéarfadh sé air, leis an maide rámha a bhaint amach dó féin. Síleann daoine freisin go ndéanann na giúirinneachaí féin éanachaí, arae bíonn go leor clúmhaighe orra agus in a dtimpeall.

Giúróg: ainm-fhocal; buineann; tuiseal geineamhnach uathaidh: na giúróige; uimhir iolraidh: giúrogaí.
Giúrógaí: cineál cnuimh a theagas in adhmad agus a ghníos min dhe. Ghníonn sí an cleas céadna mórán le adhmad tighe agus a ghníos an ghiúirinn le adhmad a bhíos i sáile nó in uisce. [Níor chuala mé fuaim d ar seo ariamh ach tá mé dhá chur annseo ó thárla go bhfuil baint aige leis na rudaí réamhráidhte]
Tá sé rodtha ag na giúrógaí. Is gearr go dtuitfidh sé anuas in a chríon-ach chríochnuighthe. Is deacair a rádh nachar dhona an t-adhmad é in a dheidh sin /[Tá sé ag déanamh críon-lobhadh ar fad. Giúrógaí. Sin iad nach mbeidh i bhfad ag déanamh mine dhó (: dhe) nuair a ghabhfas siad in a éadan / Má tá sé ag déanamh giúróg chor ar bith, is gearr an seadh a thiubharfas sé. B'fhearr é a chaitheamh anuas ar fad]/

Diúirinneach, Giúirinneach agus rl. = aidiacht as diúirinn; giúirinn agus rl. = a bheith faoi dhiúirinneachaí, giúirinneachaí agus rl. = a bheith foiricighthe leo /

Is beag an mhaith dhuit sail ghiúirinneach. Dhá mbadh mise tú ní chuirfinn suas an t-adhmad siúd chor ar bith /[Is gearr le dhul í. Sail dhiúirlinneach a bhí innte, agus níl drabhlás ar bith innte, de bharr cho farctha agus a bhí sí / 'Séard atá agadsa a dhéanamh an clár sin a chaith amuigh faoi ngréin go ceann míosa. Má tá sé giúirinneach féin, tá an teas agus an aimsir bhreagh acmhuinneach ar a dhul 'un maitheasa dhó.]/ Ná bac leis an sean-chlár diúirinneach sin. Dheamhan leas a dhéanfas sé sin go deo, mara gcaithteá ar chúla na teine é, agus is dona annsin féin é / Deirtear an breac giúirinneach i leabaidh an breach giúirinne go minic /

Diúilicín (d ʼ ūl ʼ ikīn): ainm-fhocal, fireann, uimhir iolraidh: diúilicíní.
Diúilicín: (i) iasc sliogáin. Sliogán dubh, nó dubh-ghorm orra agus é an-chruadh. Rudaí caola fada agus guib bhioracha ar chloigeann díobh. Tá dhá shliogán as cionn a chéile agus féadann an diúilicín féin a n-oscailt, ach ní fhéadfadh duine sin a dhéanamh gan a mbriseadh le cloich. Ní hé an mhéid chéadna atá ionnta ar fad. Bíonn cuid aca rí-bheag agus cuid atá cho mór le croidhe do bhoise. Tá snáitheacha asta, agus greamuigheann siad iad féin do na carraigreacha leo.
Ach is féidir leo na snáithidheachaí seo a scaoileadh agus a dhul ag fátall. Bíonn siad le fáil in áit ar bith ó bharr cladaigh go diadh-thráigh, agus bíonn innbhir abhann bratuighthe leo.
Baineann iascairí go leor dhíob le h-aghaidh baoití, ach ithtear iad freisin. Bruithtear iad agus biadh dearg milis atá ionnta ach iad a bheith bruithte. Tá cineál ann a dtugtar diúilicíní capaill orra agus tá méid mhór ionnta [fc. freisin sleabhcán diúilicíneach, creathnach diuilicín, gad diúilicin]. Tugann daoine maorachaí ar na diúilicíní
(ii) donán de bheithidheach nó de dhuine; miolghaire meirbh éidtreorach (Muigh Cuilinn) [Níor chuala mé ciall (ii) le fairrge]

An-bhaoite mangach é an diúilicín nó na maorachaí sin atá ar na carraigeachaí / An bhfaca tú aon-áit ariamh atá foiricighthe le diúilicíní nach (: ach) na carraigreachaí sin thoir ag bun na h-abhann. Tá agus Carraig an tS. bratuighthe leo freisin. Agus cuid de na ceanna atá ann, tá siad 'san an-mhéid. Tá diúilicíní i bhfus ar Charraig an tS. agus ní fiú tada iad l'aghaidh baoite: tá siad ro-bheag, ach an-bhaoite go deo na daigéid atá thoir /[Gheobhfá neart diúilicíní annsin thíos ar an Leic Pháirteach am ar bith san Earrach ná sa Samhradh. Chuala mé fear ag rádh nuair a bhíos sé ag tuileadh gur maith an dóigh breac fanacht caithte i bpoll (: an dorugha a bheith caithte ann) dhá mbeadh carraig nó leac in aice leis a bheadh faoi dhiúilicíní. Deir sé go dteagann na blatháin agus na ballaigh agus na truisc stupóige isteach ag ithe na ndiúilicíní. D'fheicfeá iad ag imeacht do na clocha leis an thaoille tuile. Is minic a

chonnaic mé iad ag eirghe do na clocha agus ag dul ag
sireoireacht sa taoille. An bhfaca tú an oscailt bheag atá
isteach ann. L'aghaidh beatha is dóigh é sin]/ Is minic a chonnaic
mise na sliogáin oscailte ag an diúilicíní. Ach is maith gasta
uaidh a ndúnadh freisin, má theigheann araoid ar bith air // Tugaighidh
braon bainne do'n diúilicín sin thoir, nó ní bheidh sé beo
seachtain ó indiu. Ní fhaca mé laogh ar bith ariamh nach bhfuil
biseach ar bith ach mar é. Níl lán do ghlaice fós ann th'éis
go bhfuil sé ionann agus raithe d'aois /[Níl ann ach diúilicín fós,
agus tá sé thar am a choisceadh. Is dona a chuaidh a lacht dó ar
chaoi ar bith, ach níl rath ná ríoghacht ar an reithe sin a
dtáinic sé uaidh — reithe Mh. Mh. Ní fhaca mé aon-chaora mhaith
ag teacht uaidh fós ariamh]/ Fanóchaidh sé in a dhiúilicín dhona mar
sin choidhchin tá faitíos orm. Níl aon-teacht suas faoi th'éis go
raibh athair agus máthair bhreagh aige. Ach ní mar sin a bhíos sé ach
oiread /[An diúilicín bocht ná buailighidh é! Fágaighidh annsin ar
a theolaidheacht chois na teine é. An coileáinín bocht! B'fhéidir
dó togha madadh a dhéanamh fós / Go deimhin is deas é do cheird,
ag diúrnadh an diúilicín de chut sin 'chuile ré soluis! Caith ann-
sin i dtigh an chlampair é. Ní beag dhó a dhonacht agus tá sé, agus gan tusa
a bheith ag cur fearas barr donacht' air. Má fheicim tú ag
leagan láimh ná chois aríst i mbliana air, bainfidh mé an t-an-
am asad, bainfeadh sin!]/ Bhí searrach asail aige anuiridh — diúilic-
ín beag, agus níor chomhnuigh sé gur mharbhuigh sé é ag coinneál
na bpáistí ar marcaidheacht air. Dar mo leabhar dhuit ba
mhór an carghas é, ba mhór sin. Ach níl a fhios agam an ndéan-
fadh sé aon-chúis ar aon-chor. Ní raibh aon-bhiseach de rath
faoi /[Ní iongantas ar bith í sin a bheith in a diúilicín. Sí craith-
eadh an tsucáin (: tsacáin) í. Deir siad go mbíonn craitheadh an
tsucáin crannda i gcomhnaí, ach chreidim nach bhfuil annsin ach
caint freisin ar nós go leor eile / Rinne tú do leas ar chaoi
ar bith agus gan an diúilicín de ghamhainín siúd a cheannacht. Níl sé
ach ag dul 'un meathtachais 'chuile lá dhá bhfuil sé a chaitheamh. Chuirf
-eadh sé cantal ort a bheith ag breathnú istigh 'san ngarrdha air /

déirce: Ainm-fhocal, buineann, iolraidh = déircí

déirce = grádh diadha, séisín nó teirgéis a tugtar do dhaoine bochta nó do dhaoine a bhíos ag iarraidh a gcodach; cuid an bheagáin, an ghann-chuid, cuid Pháidín de'n mheacan; rud a tiubharfaí duit go doicheallach, nó a thaidhbhseochaí agus thú dhá fáil.

Tabhair déirce dhó / Caith rud eicínt déirce ag an mbean sin / Mara n-iarraidh siad an déirce in onóir Dé agus Mhuire, ní agróchaidh Dia ort gan a tabhairt dóibh / Bhíodh deilín fada ag lucht déirce fadó, ach ní chloisfeá chor ar bith anois aca é / Ní raibh aon-bhacach ná aon-cheannuidhe ná aon-fhear bocht ná aon-fhear déirce ag dul an bealach ariamh nach ann a tharraingigheadh. Is ann a bhí an leabaidh dhearg i gcomhnaí ag lucht bóthair agus bealaig / Bean déirce a bhí innte / Ba fear déirce é / Ní fheicfeá lucht déirce ag tóruidheacht anois chor ar bith mar a bhíodh roimhe seo / "Lá Nodlag go h-aoibhinn aerach; Lá 'eil Stiopháin gabhtha gléasta; Lá 'eil Eoin ag iarraidh na déirce, le bacach an mhaide bhuidhe is measa a bhí in Éirinn" (: bean uasal adubhairt. Ghléas bacach suas é féin i gculaith duine uasail, agus mheall sé í féin agus a muintir go bhfuair sé í. Sin é adubhairt sí, an uair a fuair sí amach an cleas a h-imrigheadh uirre) / Teigheadh sé ag iarraidh na déirce anois. Níl a athrú aige /[Tá sé ag lorg (ag tóraidheacht, ag cruinneál agus rl.) déirce]/ Bhíodh duine aca sin fadó ag dul thart annseo ag cruinneál a chodach — ag iarraidh déirce / Rinne sé de dhéirce air é. Maidir le go mba bhfiú an bhó deich bpunt, níorbh fhiú muis. Ach bhí sé graddiadhail, agus scrúd sé é an ceann eile a fheiceál gan cuid na h-oíche /[Maran de dhéirce a rinne sé uirre é, is mór an t-iongantas gur chuir sé an chruach sin scór. Níorbh fhiú tada len a leath í / Chaith sé aige é de dhéirce. Bhí truaighe aige dhó agus an t-áilín lag atá air. Ach is maith danra a bheadh sé le duine ar bith eile. Ní leigfeadh sé uaidh cho bog sin é / De dhéirce muis a scaoil sé uaidh an roínn fheamuinne sin. Ní slad-mhargadh go dtí í]/ Is beag an déirce (: grádh diadha) atá ann nach gcaithfeadh pighinn ag an bpáiste bocht / Deir siad th'éis cho scanruighthe agus a bhí sé ag airgead, gur chaith sé a chuid le déirce in a dheidh sin. 'Sé a choinnigh na F. M. siúd beo ariamh, ach nachar chuala deoruidhe an bhéil bheo uaidh é / Cé'n chaoi a bhféadfadh aon-sciúrtóg a bheith aige agus a gcaitheann sé ag déanamh déirce. Níor eítigh sé fear ná bean déirce ariamh in a shaoghal / Bhí an dream céadna taobh leis an déirce ariamh = i gclé, i gcleitheamhnas nó idtuilleamaí na déirce ariamh /[Chreidim gur taobh leis an déirce agus "ar son Dé" a bhéas muid go deo]/ Má ghníonn sé an oiread sin déirce (: má thugann sé an oiread sin déirce uaidh) is iongantas nach gcloisfeadh

na daoine é cheana / Bhí sé cho maith dhó a dhul ag iarraidh na déirce le bheith dhá chiapadh féin annsiúd, ar scáth a mbeidh dhá bhárr aige go sleibhe / An uair a thosóchas an saoghal ag dul in aghaidh duine mar sin, agus an díleághadh ag bualadh a mbeidh aige, b'fhearr dhó mála na déirce a fháscadh aniar ar a dhruim agus a dhul ag iarraidh a chodach ó theach go teach. [Is mó a bheadh dhá bharr aige faoi dheire thiar thall / An bhfeiceann tú an díthreabhach sin thoir — M. J. Ní díol truaighe go dtí é. Nacharbh fhearr dhó sin go mór fada anois, an giodán sin a dhíol amach agus imeacht ar an scuir, sin nó mála na déirce a chuir air fhéin, ná a bheith ag iarraidh muiríne a thógáil idir dhá chlochar annsin]/ Sí an bhean a chuir mála na déirce air — a chuir ag caitheamh na miotán é — i gceann mar bhí sé. Ní sheasfadh airgead na h-airrí di /[Diabhal mé go mb'fhiuntaighe dhó mála na déirce a chur air féin ceart ná a bheith ag imeacht ag iarratas mar sin. Níl nídh dhár dhealbh an ghrian dá chuid féin aige, ach rithte ag an gcomharsa ag "Begéaracht" 'chuile ré soluis / Mara bhfuil mála na déirce air, is gearr go mbeidh, má mhaireann dó ins an meath a bhfuil sé. Dheamhan luach leithphighne mhaith a rinne sé i gcaitheamh na bliana anuiridh; ach ar a chuairt is 'chuile theach ar an mbaile, sin nó ag déanamh bolg le gréin ar chnocáin / 'Sé atá ag dul indiaidh 'mhullaigh i mbealach a bhasctha ceart má phósann sé an sladuidhe sin. Chuirfeadh sí sin mála na déirce ar an sean-larla a bhí annseo, agus ba mhaith saidhbhir an fear é]/ 'Sé'n déirce rud ar bith a iarraidh air = tá sé doicheallach daoitheamhail / 'Sé'n déirce a dhul ag iarraidh ceap air siúd. Ce'n bhrigh ach má chaitheann tú casúr a iarraidh in a cheann sin! Caithfidh sé leath-uair an chluig ag cur fainic -eachaí ort fútha /[Níl ann ach an ghann-chuid, agus an méid sin féin ní mian leo a dtabhairt uatha gan a dhul ag duilleoireacht orra. Rud ar bith a gheobhas tú ins an áit chéadna 'sé'n déirce é: bíonn an mhaith bainte as / 'Sé'n déirce "fag" ar bith a fháil anois — ins an tír seo ar aon-chor. Ach deir siad go bhfuil siad fairsing go leor fútha siar / Go bhfoiridh Dia ar do cheann a ghiolla sin. Má bhíonn tú i gcleitheamhnas na bulóige siúd, 'sé'n an déirce tada a fháil uaidh. Diabhal mé go sílfeá gur in aisce a bheitheá dhá iarraidh air, dhéanfadh sé an oiread sin cainte faoi]/ Shílfeá gur déirce a bheadh sé a thabhairt duit dhá n-iarrthá tada air. Is mór an t-iongnadh go bhfuil sé ag díol tada, agus cho daoitheamhail agus atá sé. Ní dhíolfadh ach an oiread, meireach an áit a bheith faoin a mhullóig féin aige, agus nach bhfuil aon-dhuine le dhul in a bharr air / Céard atá aige ach an déirce bheag sin. Dhá mbaintí an teirgéis sin dhó (: dhe), ní bheadh luach leithphighne aige = an "dole" / An déirce bheag sin féin, marach é, bheadh cuid de na daoine thart / Tá siad ag déanamh tighthe as éadan ann, agus gan cianóig dhár dhealbh an ghrian ag an dream atá ag dul a' comhnuidhe ionnta

ach ag forcabhás ar an déirce sin (: dole). Dream atá ar an scuir — poilitéaraí — ar fad atá ionnta. Diabhal mé gob (: gurb) orra atá meas uiliog anois. Cuirfidh mé mo rogha geall leat gur túisce a gheobhfadh duine aca bean, ná fear a mbeadh cáil mhór air / Déirce dhá chuid féin do'n amadán (: do'n bhacach) = a chuid féin a thabhairt do dhuine, mar dhóigh dhe nach mba leis chor ar bith é, ach go raibh tú ag cur chumaoine air nó ag déanamh gar dó as ucht a thabhairt dó /[Thug sé coicín féir do Sh. anuiridh agus rinne sé an oiread cainte dhá mhaoidheachtáil air, agus dhá mbadh chruach óir a bheadh ann th'éis gurb ar thalamh S. féin a bhain sé é. Déirce dhá chuid féin do'n amadán 'ar ndú'. Tá sé ag baint bearraidheacha de Sh. Cá'id an talamh sin aige anois gan pighinn gan bonn? / Ghlaoidh mé féin dhá phionta, agus dhá phionta eile th'éise sin (: thar a éise sin). Ní ólfadh seisean an dárna pionta. Shín sé anall chugam féin é. "Déirce dhá chuid féin do'n amadán" arsa mise. Sciorradh focail a bhain dom, ach sílim nach mórán slaicht a bhí aige orm faoi / Chaith mé an lá ag coinneál "cigarettes" leis. Dheamhan an ceann féin a thug sé dhom. Bhí go maith nó go raibh mé féin feidhear-tha trathnóna. Sin é an uair a tharraing sé amach nuitín beag bídeach nach dtóigfeá as an lathach, agus shín sé anall chugam é. Ba shin é an déirce dhá chuid féin do'n bhacach, ar chuma ar bith]/ Níl léigheamh ar bith uirre — níl sin. Deir tú léithe an oíche faoi dheireadh a chuir fios ar cháca, ar uibheachaí agus ar shiúcra anoir chugainn in áit ar casadh clann J. L. 'na tighe aice. Chuaidh mé fhéin soir ann ar cuairt d'fhuireasbhaidh mo chuid tae, arae d'árduigh sí léithe an t-aon-cháca a bhí fuínte ins an teach. Ara a mhic ó, ar a theacht faoi'n dorus dom, bhí na mílte fáilte romham, agus ní maith a bhí mé istigh ar lom an urláir nó gur cuireadh isteach ag ól tae mé. Siúd é an áit a raibh biadh gan chuntas ag Feara Fáil. Déirce dhá chuid féin do'n bhacach arsa tusa / Má tá siad dhá síneadh againn le leath-láimh nach bhfuil an leath-láimh eile thíos in' u' (: ar) bpócaí aca dár gcreacadh. Feacha an cíos, an t-airgead acraí, tobac, tae, siúcra agus eile. Nach bhfuil tú ag íoc dúbalta orra sin? Agus annsin síleann tusa go bhfuil leat má chaitheann siad cupla scillingín "dole" agad. Sin é an déirce dhá chuid féin do'n amadán, ar chaoi ar bith / Ba bhuidhe déirce leis é a fháil = bhí sé an-tsásta é a fháil; theastuigh sé uaidh cho géar sin agus gur altuigh sé Dia, agus an duine a thug dhó é, ó chroidhe /[Fuair mé chúig cinn de "fags" — Sweet Afton" trathnóna agus deirimse leatsa go mbadh bhuidhe déirce liom an teirgéis sin féin {a} fháil. Bhí mo theanga bheag amuigh ó mhaidin cheal ghail / Thug sé gearradh

{?} dóib siar cho fada le tigh J. ach chinn ar aon-bhean a fháil ar an réim sin. Bhí sé in a ghamal ins an deireadh. Baintreach as D. U. ab éigin dó a phósadh ins an deireadh. Ba bhuidhe déirce leis í sin féin a fháil. Marach í sin, bheadh sé ar an tráigh thirm. Dheamhan bean faoi'n mbogha bán a phósfadh é ar aon-nós — an stramhasachán bradach]/ Trí ceathramhnaí unsa tae: sin é a bhfuil na daoine a fháil. Ach is buidhe déirce le na daoine an méid sin féin. Dhá mbeidís taobh leis an scudalach eile sin — an "coffee" — bheadh na daoine tolgtha ar fad /[Ní raibh aon-bhróig ag gabhail leis an dá chonuas sin, agus d'íoc mé mo chúig déag agus dá fhichead orra sin féin. Ba bhuidhe déirce liom a bhfáil ar an gcuntar sin féin, arae bhí mé de'n tsaoghal ag an sean-phéire a bhí agam. Seo í an aimsir nachar mhór do dhuine bróga maithe ar na buinn. Tá 'chuile mhíle áit báidhte]/ Ní bhfuair mé ann ar mo phíosa dhá scilling ach cupáinín tae cosnochttha, ach ba bhuidhe déirce liom an méid sin féin, arae bhí an ghearradh-ghíonnach in mo stéigeachaí, ach dhá dhonacht dhá raibh mé leis an ocras, ba mheasa go mór mé leis an tart. Bhí íota orm. Is diabhlaí nach n-osclóchadh tighthe ósta ann lá de'n tsórt sin, agus a mbíonn cruínn ann / Ba mhó(?) déirce leis é a fháil = ba bhuidhe déirce leis é a fháil /[Ba mhó déirce liom rud ar bith a fháil ins an deireadh, bhí mé idteannta cho mór sin / Shíl mise nach mba stró ar bith péire bainbh a fháil le ceannacht ann, ach bhí sciobadh orra. Ní raibh fágtha ins an deireadh ach dhá luichín bheaga bhídeacha agus ba mhó déirce liom iad sin fhéin a fháil. Níorbh fhiú liom an tabhairt sin a chur orm féin lá eile agus cho cruadhógach agus atá an uair]/ Fuair. "Meiricins" Ba mhó déirce liom iad sin féin a fháil ins an deireadh ó a chinn 'chuile shórt eile orm. Tá an saoghal in a chíor-thuaithbhill anois an uair nach féidir le duine gail a fháil /[Fuair muis! … B'éigin dom a dhul cho fada le D. Th. féin, agus ba mhó déirce liom a fháil annsin fhéin. Diabhal mé gur shíl mé go dtiocfainn abhaile aríst agus mo dhá láimh cho fada le chéile]/ Clogs … sin é a bhfuair mé. Níl tada eile istigh ar shlata na Gaillimhe; ná níl a fhios cé'n uair a bhéas. Tá candáil ar na "clogs" féin ann: fir Achréidh ag sceanadh a chéile dhá gceannacht. Ba mhó déirce liom tada a fháil th'éis m'aistir agus m'anró. Tá leathar féin ar a ghainneacht ann. Ba bheag nachar chinn sé orm ábhar péire tosaigh a fháil do C. Má mhaireann an cogadh seo i bhfad eile beidh na daoine indroch-arán. Deir siad muise go bhfuil na "Germans" ag beodhchan suas aríst / Dhíol sé an déirce (cf. dhíol) / díol (díon) déirce (cf. díol) /

déirceach, (déircighe) = aidiacht as déirce

Déirceach = tugtharach do dhéirce; grádh-diadhamhail; in a dheagh-cheann do na boicht.

Duine déirceach é = duine a thugas déirce uaidh / Is beag duine a bhí ins an ruta seo ariamh ba déircighe ná N. Th. Aimsir an droch-shaoghail adeir siad 'nuair a bhí na daoine ag fáil bháis as éadan le ocras agus amhgar, badh é sin a choinnigh an cheathramhadh seo beo. D'fhaghadh cho maith le deich nduine fhichead beatha ann 'chuile lá /[Nach mór a bhochtuigh siad ins an saoghal ó shoin. Fuighleach le déanamh atá siad a fháil anois agus iad féin a bheathú, ní hé amháin duine ar bith eile / Daoine déirceacha grádh-diadhamhla a bhí is 'chuile duine ar an bhfeadhain aca sin. Ní fheicfidís anshógh ar dhuine bhocht nó ba chinneamhaint orra é. Bhí a shliocht orra: bhí Dia buidheach dóib agus chuir sé rud aca]/ An té a bhéas déirceach, cúiteochaidh Dia leis é. Ní fhaca tú ariamh aon-duine a bhí truaigheach do thuilleadh, nach dtiubharfadh Dia a sháith dhó fhéin / Níor dhéircighe dhuit é = dhá gcuireadh duine taobh le beagán thú de rud a bheadh sé a thabhairt duit déarfá: "níor dhéircighe(? déirc-aoidhe?) dhuit é" / An téagar a thug sé dhuit ins an ngloine ní raibh agad a ghlacadh chor ar bith uaidh agus cho beag agus a chuir sé thú. Ní raibh fliuchadh do bhéil féin ínnte. Níor dhéircighe dhuit é /[Mharbhuigh sé muic faoi Nodlaig — ceann a bhí suas le chúig clocha déag meadhchain ar a cois. Chuir sé oiread na fríde againn — díol béilí amháin. Níor dhéircighe dhuinn é. Dar mo choinsias níor chumaoin dó. Dheamhan ceo a bhí annseo ariamh nachar roinneadh druimscoilte leis — nachar roinneadh sin. Béidh a shliocht air: an rud céadna a dhéanamh leis aríst]/

dísle = Ainm-fhocal, fireann, Uimhir Iolraidh = díslí

dísle = bloicín nó coirnín beag adhmaid nó a leithide, agus é ar comh-thomhais.

Baintí leas asta i gcluiche roimhe seo, agus baintear leas asta fós le h-aghaidh crann-chuir nó "raffle" (dice).

"A comrádaidhe na dísle leag annseo do láimh" (: líne as amhrán) / Fághaigidh na díslí go gcuirtear amach an "raffle".

Tá sé thar am. Tá cuid aca ag stocáil le dhul abhaile cheana féin / Chaith siad an oíche ag cruinneál an airgid agus an uair a bhí siad faoi réir faoi dheire thiar, dheamhan thiomanta blas de na díslí a bhí le fáil i bhfus ná thall. Chaith siad eadarshuth eile dhá dtóruigheacht sin, agus é ag cínnt orra a bhfáil.

Bhí an teach ar bís nidh nacharbh iongnadh! /

dithreabhach, díthreabhaichín = ainm-fhocal, fireann; iolraidh — dithreabhachaí [ní ghabhann sé le tuiseal geineamhnach uathaidh. [Fuaim = díriúch].
díthreabhach: guróir, díol truaighe; dubhradán dona; frídeoirín; feithideach; séacla; duine nó beithidheach atá an-tugtha anuas ag amhgar, ag fuacht, ag tinneas nó eile; duine, beithidheach nó rud gan aon téagar; crupach; dílleachta nó duine a bheadh fágtha ar an bhfaraor géar [níl an tsean-chiall — "hermit" — ins an gcaint anois cho fada lem' eolas]

'Ar ndú' ní ag dul ag fiachadh ar an díthreabhach bocht sin a bheadh sé. Má seadh muis, is beag a shúil le Dia atá aige. Ach níl scruball ar bith fanta ins an diabhlánach úd / Cá bhfuair sib an dithreabhach de mhadadh sin? Mara bhfaghaidh sé sin 'chuile shórt ar fheabhas, ní shrianfaidh sé thríd choidhchin. Nach bhfeiceann tú an t-uisce ón a shúile le neart truailleachais /[Tá dithreabhach de ghamhain annsin thoir agam, agus tá faitíos orm nach sáróchaidh sé an oíche. Má fhaghann sé oíche eile leithide na h-oíche aréir, tá a chreach déanta. Rinne mé teálta beag annsin thuas dó, ach diabhal a chos ná a chnáimh a ghabhfadh isteach ann. B'fhearr leis in a ghuróir leis an gclaidhe ó dheas ar aghaidh na gaoithe adtuaidh, dhá sheacáil féin / Go dtugaidh Dia ciall duit! Bheadh gnatha mhór aige siúd de bhean. Dith-reabhach bocht a bhfuil a chois ar bhruach na h-uaighe aige mar atá sé. Ba chóra dhó go mór a phaidrín a bheith aige agus é a bheith ag déanamh a anama, ná ag caint ar phósadh / Ní chuirfeadh aon-bhean beo a mbeadh grádh Dé in a croidhe an dithreabhaichín de ghasúr siúd amach ag an scoil lá mar seo. Dar brígh an leabhair cruadhchúiseach go leor féin nacharb fhuláir dóib a bheith len a gcur ann indiu. Chonnaic mé beirt bhromairí atá ag M. Mh. annsin thiar ag dul soir agus bualadh fiacal orra leis an bhfuacht th'éis an aois atá aca, agus cho mór láidir agus atá siad. Ní uair scoile í do ghasúir laga / Tá an t-asal in a dhithreabhach. Bhí sé cruptha isteach i lúibinn an chlaidhe ar maidin agus na cluasa féin ní raibh sé indon a bhiorrú leis an bhfuacht. Tiubharfaidh an dubhluachair atá amach romhainn anois cnáimh le creinneadh dó / Níl tada ar an mbaile seo ach dithreabhachaí de chruacha (: cruacha beaga gan aon-téagar, gan aon-tiughas, gan aon-airde). Ach an uair a bhéarfas sé (: an t-inneal buailte) soir ar na S. beidh sé i bpas mhaith coirce. Tá daigéid mhóra (: de chruacha) annsin / Cé air a bhfuigheadh sé chúig phunt? Ar an dithreabhach de choca siúd. Mo chreach mhaidne é! Sháruigh sé an coca a bhí thiar i gClaidneach, ar tháinic Fear Dhoire Fhátharta dhá cheannacht: "Dheamhan amach as an

an iothlainn a fhágfas sé coidhchin" adeir fear an choca "gan coróin" / Bhí sé ag iarraidh scór ar an gcruach mhóna siúd! M'anam nachar mhór candáil níos mó a bheith ar mhóin ná atá uirre ar ala na h-uaire, le go dtiocfadh sí siúd scór. Deich bpunt a cheapfainnse di. Dheamhan dhá "lorry" móna istigh in a corp. Céard atá innte ach dithreabhach de chruaich / Beidh ciall cheannuighthe ag an bhfear a ghabhfadh ag tabhairt chúig phunta dhéag ar an dithreabhach de dhubhachán sin. Ach ní bheidh, tharae níl duine ar bith cho beag 'e chiall agus go dtiubharfadh sé sin uirre / Is furasta de duine a rádh go bhfuil an iomadú puill fhataí clúduighthe aige má ghníonn sé dithreabhachaí mar atá seisean a dhéanamh. Dhá nochttá ceann aca agus an raithneach agus an chnámharlach agus an chréafóig a chaitheamh de, diabhal bréag nach mbeadh éadáil agad istigh! / Ní bhaileochadh seisean a bhfuil de mhóin ann le trí aistir, agus an dithreabh -ach de chruib (: "chrib") atá aige. 'Ar ndú' ní thuíllfeadh dhá ghabhail innte. Ach ní raibh aon-ghnatha aice a bheith mórán níos mó. Ní bheadh an dithreabhach capaill atá aige indon a tarraint. Níl bior eanga uirre cheal tógála /

Dáithí: ainm dílis ar dhaoine (: fir). Tá sé coitianta go leor in áiteacha fós

"Is cóir é Dáithí tigh Fhéidhlim agus gan maith ar bith in a theach féin leis" = (sean-fhocal) = "bíonn daoine gnaoidheamhail faoi stiall de chraiceann duine eile" = bíonn daoine an-fhlaitheamhail an uair nach mbíonn aon-cheo dhá gcaillteamas féin leis; is furasta do dhuine córtas gan chaillteamas a bheith ann / Bheadh sé flaitheamhail faoi'n bhfuisce annsin, ach an uair a bhí bainis aige féin is beag a fuair aon-bhrabach air. Tháinic siad abhaile as ag an h-aon déag ins an oíche, agus gan siubhal an bhealaigh ionnta le ocras agus tart. Ar chuala tú ariamh é: "Is cóir é Dáithí tigh Fhéidhlim agus gan maith ar bith in a theach féin leis" /[Is breagh gnaoidheamh-ail a roínn sé amach an leath-ghalún, ach cá raibh a chaillteamas, arsa tusa. Dhá nglaodhadh sé féin é, ní bheadh sé leath cho maith faoi. Dubhradh ariamh, é agus m'anam gur fíor é: is cóir é Dáithí tigh Fhéidhlim, agus gan maith ar bith in a theach féin leis]/ Is cut bradach a gheobhas aon-bhrabach air sin. Má ghníonn sé an ghnaoidheamhlacht féin 'nuair a bhíos bainis aige, sé oineach Uí Bhriain agus a dhá shúil in a dhiaidh é. Ach is maith súighte uaidh a ól i dteach eicínt eile, agus má fhágann an ghloine a láimh chor ar bith, beidh an teach cáinte ar an toirt aige. Ach deir siad gur cóir é Dáithí tigh Fhéidhlim ach nach mbíonn maith ar bith in a theach féin leis. / Bhí S. sin thiar ann agus an oiread sclaibéaracht agus gárdaí aige agus go mbadh mhór an tseanmóir é. Caitheadh amuigh ins an scioból ar meisce é faoi dheire. Sin é aríst é: is cóir é Dáithí tigh Fhéidhlim agus gan maith ar bith in a theach féin leis /

Dúin, Dúnadh, Dúinim, Dúinte agus rl. = briathar, ainm-bhriathar agus rl.
[Fuaim n caol is gach cuid de'n bhriathar ach amháin ins an ainm-bhriathar
— dúnadh — n leathan, nn caol i "dúinte"]
Dúnadh, dúinim agus rl.: cotarsna oscailt; iadhadh; an bealach amach nó isteach in áit agus rl. a chur i riocht agus nach mbeadh aon-oscal air; daingniú; ceangal, doirtim, fastú, líonadh, a bhualadh ar a chéile, a stopadh.

Dúin do bhéal, do dhorna, do súil, do bróig, do cóta mór, do sheaicéad, an dorus, an leabhar, an bosca, an bhrocach, an tóchar, an chlaise, an bóthar, an abhainn, an simléar, an fhuinneog, an poll, an chruach mhóna, an cómhra, an poll fataí rl. / Dúin do bhéal /[Eist agus dúin do bhéal uair eicínt. / Coinnigh do bhéal dúinte. / Coinnigh do bhéal dúinte ar a chéile]/ Dún do chlab = dún do bhéal (ach é níos drochmheasamhla ná béal) / Coinnigh do chlab dúinte ar fad. 'Ar ndú' ní éirim atá in do chuid chainte-sa / Dúin do chaiseal = do chlab (: do thóin freisin scaithtí) / Coinnigh do chaiseal dúinte ar a chéile agus ná cloisim gig uait aríst anocht /[Nach breagh nach ndúinfeá do chaiseal agus gan a bheith ag bodhrú na ndaoine le do chuid clabaireachta]/ Dúin do dhrad / Nach dúinte a bhí an drad anois aige agus go mb'éigin spúnógaí a chur dhá oscal / Tá an bhearna siúd dúinte anois aca, agus gan iad ag leigean duine ar bith an bealach sin = tóigthe, árduighthe / "Níor dhúin Dia ariamh bearna nach n-osclóchadh sé ceann eile" (sean-fhocal cf. bearna) / Tá an casán sin dúinte ar fad anois, agus iad ag bacadh daoine faoi dhul ann / Má dhúineann duine ar bith casán tobair, is maith éascaidh a bhéas sé dhá oscal aríst feadh agus é a thabhairt 'un dlí /[Dhúin sé an bealach orainn a raibh muid ag dul ann le linn na bhfear. Nach diabhlaí dóroinneach a bhí sé anois]/ Dhúinfeadh sé siúd bóthar an Rí ort, dá gceapadh sé go dtiocfadh leis. Dhúinfeadh agus geataí na bhFlaitheas marach an Fear maith geata atá ann, moladh go deo Leis. / Dhúin sí an dorus i m'aghaidh agus shagdfadh sí na madraí ionnam, marach cho gasta agus a leig mé liom féin /[Dhúinfeadh sé siúd an dorus ar Mhac Dé dhá gcastaí an bealach É. Is beag an tsúil le Dia atá aige sin agus feithideach ar bith beo a chur amach leithide na h-oíche aréir]/ Dúinfidh mise an béal aige sin go goirid, mara leigidh sé dhá chuid bréag / Caith aige, hébrí céard atá ag dul dó, agus dúinfidh sin a bhéal / Ní dhúinfidh tada clab an amhalóir seo istigh ach cuaifeach de dhorna /[Ná bac len a bhéal sin a dhúnadh. Ní dhúinfear a bhéal siúd go ndúinidh an bás é]/ Tá baoghal air siúd a bhéal a dhúnadh, nó go ndúintear in éinfeacht é (: go ndúinidh

an bás é) / Caithfidh siad poistín gágach eicínt aige len a chlab a dhúnadh. Is fada é ag déanamh tinnis dóib. Bhíodh sé ag caitheamh agus ag cáineadh orra as éadan le goirid /[Ní bheadh aon-mhaith a bheith ag caint ar a bhéal siúd a dhúnadh. Ní dhúinfidh béal an chlabaire sin, nó go ndúinidh sé in éinfheacht. Dúinfidh an bás é ach sin é an méid]/ Ní féidir a bhéal a dhúnadh ach é ag síorádh i gcomhnaí / Rud ar bith len a bhéal a dhúnadh. Ba mhór an suaímneas do na daoine é / Dúin do bhéal a chabairín, agus ná bím ag éisteacht leat ag loscadh bréag! /[Dúin do bhéal agus bíodh múineadh ort! Ag tabhairt ais-fhreagraí ar dhaoine is sine ná thú féin!]/ Níor dhúin mé bróig ar bith ach a dtarraingt faoi mo chosa / Níor dhúin mé súil le trí oíche ach ar neamh-chodladh, ná dheamhan a fhios agam cé'n uair a dhúinfeas /[Dheamhan súil ná cuid de shúil a dhúin mé le daeghachaí (: doigheachaí fiacal) aréir = níor thuit súil liom ar a chéile]/ Duine gnaoidheamhail é. Ní dhúinfeadh sé a shúile ort dhá gcastaí leat in aon-áit é = bheadh sé lághach subháilceach leat / 'Sé nach ndúinfeadh a shúile ort ar chaoi ar bith dhá mbeadh aon-cheo aige /[Níor dhúin sé sin a shúile orm ariamh an uair dhá bhfaca sé i nG. mé, th'éis go bhfuil an-tromachan ag daoine air]/ Mara ndúinidh sé a chóta mór thairis siúd, tiocfaidh an ghaoth thollta seo thríd / Má dhúineann sib súil na brocaighe agus an firéad a chur isteach in a cloigeann eile, mise imbannaí go mbeidh coiníní agaibh /['Séard a bhí le déanamh na brocachaí dubhshlánacha a dhúnadh, agus na brocachaí laga a fhágáil oscluighthe, agus d'fhéadfaí sléacht a dhéanamh ar shionnaigh an uair sin]/ Dhúin an diabhal tóchar an chladaigh agus sceith a raibh de thalamh síos ann / 'Sé'n rún a bhí aige, meireach gur fuagruigheadh dlí air, an chlaise srotha a dhúnadh, agus gan bealach amach ar bith a fhágáil ag uisce na talmhana se'againne. Sin é an buachaill báire / Dún an poll sin ar thóin an bhairille. Cuir stuipéad ann / Dúineadh an sean-bhóthar a bhí annsin ar fad. Níl bealach ag aon-duine annsin anois / [Dhúin M. an bóithrín sin. Ní raibh bealach aonduine ann, té (: cé) go bhfágadh an t-athair oscluighthe é le oibliogáid. Ach is géire go mór an mac / Dúintear an poll sin agus na bíodh an tseoideadh isteach orainn. / Dhúin -eamar simléar N. M. le cláistéar mór de scraith agus is beag nar plúchadh istigh iad le deatach shul ar bhrath aon-duine é / Dúinigidh an poll fataí sin go maith in 'u' (: bhur) ndiaidh anois. Deasuighidh isteach an raithneach agus an chnámharlach go maith in a bhéal, agus cuirigidh an

chréafóig taobh amuigh. Má bheireann gaoth an tseaca isteach ar na fataí, dheamhan ceo a bhuachfas sib go deo orra /[Dúnaighidh an chruach sin aríst an uair a bhéas sib réidh innte. Marach cho mór agus a tháinic an lá agus nach bhfuil sé in araidheacht a dhul amach cho fada le na dubhach -áin atá ar na portaigh, ní bhfuigheadh sib cead a bearnú chor ar bith. Ach is lá deannachtach dháiríre é]/ Bhí an dorna dúinte aige le dul ag bualadh, ach d'fhastuigh mise a láimh /[Is minic leis an gceann céadna an dorna a bheith dúinte aige. Ach b'fhéidir go bhfuair sé fear a bhárrtha faoi dheireadh]/ Tá an gearradh dúinte anois. Is gearr go mbeidh sé cneasuighthe /[Dhá ndúineadh an gearradh chor ar bith ní aireochthá ag cneasú é]/ Tá mo phíobán dúinte ar fad ag slócht agus ag cochaillí. Is olc an earradh é an slaghdán céadna / Dá naomhtaí mé anois, chinnfeadh orm aon amhrán a rádh, agus ná bíodh aon-ghuth agad orm. Tá buinneán an ghotha ar fad dúinte le seachtain ag "fliú" nó cat mara eicínt / Má tá do sceadamán dúinte réidhteochaidh sé seo é. Seo(d) é an íocshláinte:

"Níor fhás sé thríd an talamh aníos máistir an ghráinne eorna
Ba mhaith an stuf len ithe é, ach b'fhearr ná sin len ól é"

Oibrigh ort thú féin anois agus abair an chuid eile dhó (: dhe) / An uair a tháinic an plúr geal sin dhúin mo cholainn ar fad (: níor oibrigh mé; tháinic triomach orm) / Tá mo cholainn ar fad dúinte le dul 'un míosa. Diabhal bréag nach bhfuil mise dhá shaothrú /[Ná h-ith é sin nó dúinfidh sé do chol-ainn ar fad. Níor chaith tú aon-earradh ariamh is measa ná é sin]/ Tá mo chroidhe dúinte ó a fuair sé bás (: le brón) / Ó'n lá sin amach bhí a croidhe dúinte, agus níor labhair sí in a ainm amháin air. Ach d'fhága sé guirín ar a croidhe in a dhiaidh sin /[Ó'n lá ar imigh an malrach beag uaim, tá mo chroidhe dúinte. Ba mheasa liom é ná gealacán mo shúl, ach thug Dia Aige Féin é. / Is fada an lá mo chroidhe-sa dúinte, ní ag ceasacht ar Dhia é. Tugadh m'fhear uaim agus mo thriúr mac i mbláth a n-óige. Fuair mise mo cheart ní ag comhaireamh na h-anachain é]/ Tá mo ghoile dúinte ar fad = tá mé tolgtha de'n bhiadh / M'anam nach ag ceasacht ar Dhia é muis gur beag é m'fhoghail-sa air. Tá mo ghoile dúinte uiliog. An oiread agus a bhuailfeá ar shúil dreoilín, ní bheadh ithte agam go ceann seachtaine / Go ndéanaidh Dia grásta air, ní raibh pian ná tinneas ariamh air. Ach cheithre lá shul má bhásuigh sé dhúin a ghoile, agus níor fhan luighteamas ar bith le rud le n-ithe aige. Maidin an lae sin — an lá ar

ar bhásuigh sé, níor eirigh sé chor ar bith — rud ab annamh leis —
ach ghlaoidh sé orm féin … /[D'ith mé "blast" ceaille an lá cheana
agus dhúin sé mo ghoile ar fad. Ní fhéadfadh sé a mhalrait a dhéanamh mar
chuir mé ceas orm féin leis. / Tá mo ghoile dúinte i gceann mar tá mé.
Chreidim gurb í an phian chráidhte a d'fhulling mé a rinne orm é.
Shíl mé go raibh mé in aer. Bhí mé ag dul i ngealta críochnuighthe
aice (: ag an bpian) / Is furasta le mo ghoile féin dúnadh. Dhá n-ithinn rud
ar bith nach dtiocfadh liom, bheadh mo ghoile tolgtha de'n bhiadh aríst go
ceann seachtaine. Is duine an-éiseallach mé freisin. Ghlacfainn col le
rud an-éascaidh / Tá a ghoile dúinte ar an aimsir seo, agus tá sé ag cínnt
ar chineál ar bith beaduidheacht' a oscal. Tá sé gránuighthe de'n fheoil,
de'n iasc, de phutógaí agus d'aobha. Rud a dtugann siad "jelly" air atá sé a
thóruidheacht anois. Mara indán agus go n-osclóchaidh sé sin é, sílim go
gcaithfear oscal uiliog air]/ Tá an píopa seo dúinte ar a chéile
uiliog cheal a charttha. Caithfidh mé scian mhaith ghéar a fháil, agus a
shnuigheachan amach. Mara ndéanad, cinnfidh orm a líonadh go goirid /
Tá na clascanna siúd ar fad dúinte ar a chéile. Mara dtóigidh sé na
bruachannaí is gearr go mbeidh an pháirc siúd ó rath / Tá sé dúinte
thiar ar fad = duibhthean ins an spéir agus na néalta buailte anuas
ar an talamh, agus an-chosamhlacht glas-aimsire air /[Tá an spéir dúinte
isteach thar timcheall. Is gearr uaidh sinneán]/ Cé'n sórt claochmú! Tá baogh-
al air go deimhin. M'anam nach h-eadh, ach sneachta as ucht. An bhfeic
-eann tú cho dúinte agus atá an taobh ó thuaidh / Mo chreach t'uair bhreagh.
Breathnuigh ar na tóineannaí dubha sin thiar. 'Bhfeiceann cho dúinte agus atá
sé. Tiocfaidh sé in a bháistigh shul a fheicfeas tú uair an chluig. Uair
bhriste í adéarfainnse pébrí céard adéarfas tusa /[Má fheiceann tú ag
dúnadh chor ar bith é, crap isteach an féar ar an bpuínte. Tá tuairt
bháistighe air má's indiu nó anocht nó ambáireach a chaithfeas sé í.
Bí thusa ar do shon féin uirre ar chuma ar bith. Níl na "clabhtaí" geala
sin le trust ach oiread]/ Tá sé dúinte go maith, déanadh sé aon-deoir nó ná déanadh /
"Níor ghéill mé ariamh do phlúchadh ar bith dá dhúinte dá dteigheadh sé 'un ceo
Nó go dteighinn ag caint le plúr an mban a bhíodh romham ins an mbaile mór"
(As amhrán a thosuigheas — "Ag ionnsuighe siar thar Mhuighros dom"] / Tá
sé dúinte isteach 'un báistighe ar fad. Ní dhéanfaidh sé aon-aithdeal anois
go faoithin. Nar dhéanaidh cheana le faitíos go ndéanfadh! / Má dhúineann

sé 'un ceo is olc an lá a dhéanfas sé ar an bhfairrge. Ní shrianfadh muid siar go bráth é /[Ná bac leis an uair anois. Nach bhfeiceann tú go bhfuil sé dúinte isteach 'un sneachta ar fad. Is gearr a d'fhan an ghaoth andeas. M'anam gur anois atá an ghaoth cho luainneach le intinn mná óige. Andeas ar maidin, thiar in am dinnéir agus thoir anois aríst. Dhá seaduigheadh sí ins an mbun a raibh sí ar maidin, dar príosta, ba ghearr uait claochmú]/ Tá sé an-dúinte in a n-aghaidh anois = an-mhór in a n-aghaidh; námhadamhail leo / 'Siad a bhí in a dhá gcuid déag le chéile tamall, ach in a leabaidh sin, tá siad an-dúinte in aghaidh a chéile anois. Tá sé ráidhte ariamh nach mbíonn grádh dhá mhéid nach dteagann fuath dhá réir / Chonnaic mise an dream sin ag imeacht ar a gcaomhamhaint annsin agus na Black & Tans ar a dtí. Bhí siad cho mór le chéile agus a bheadh máthair agus aon-mhac. Dar brigh an leabhair chonnaic mé cuid aca ag imeacht ó'n gcuid eile bliain in a dhiaidh sin, agus ba dúinte a bhí siad in aghaidh a chéile, ná a bhí siad féin agus na Black & Tans ariamh. Cé'n mhaith ag caint? / 'Nuair a bhí a h-áilín sin ar aon-chéill agus í ag iarraidh a dtógáil le strapadóireacht, mo choinsias 's dar m'anam ba mhaith léithe aice an dearbhráthair sin le brughadh air. Ach ar an dá luath agus ar dhaingnigh sí isteach ins an saoghal roint níor fhan meas ar bith aice ar an dearbhráthair ná ar a bhean. Tá sí cho dúinte in a éadan anois, agus a bheadh sí in éadan an duine is fuide amach uaithe ins an tír. Is gránna an chaoi é sin — nach gránna — do dheirbhshiúr agus do dhearbhráthair /[Ara, níl siad cho dúinte sin in aghaidh a chéile. Beannuigheann siad dhá chéile agus thiocfaidís ag a'n a chéile le anshógh, ach níos airde ná sin níl ann. Is maith mór le chéile a bhí siad scathamh / Is gránna an chaoi do chomharsanaí a bheith cho dúinte sin in aghaidh a chéile. Deir siad gur ar scáth a chéile a mhaireas na daoine. Má seadh muis, ní ag ithe agus ag gearradh ar a chéile, ná ag plioncadh a chéile a dhéanfas siad cúis. Cé a bhéas agad lá an anshógha. M'anam nach hé an fear i bhfad ó bhaile é]/ Tháinic sé abhaile le dúnadh na h-oíche = le tuitim na h-oíche, leis an gcontráth (: comhtráth), le coinfheascar na h-oíche / Cé'n dúnadh na h-oíche sin ort? Bhí sé annseo ó ló mhór agus má bhí féin 'sé a bhí aerach agus éadálach. Tá sé cho suimeamhail le cut óg a bheadh ag oscailt na súile /[Má bhíonn tú ins an mbaile le dúnadh na h-oíche, beidh tú ann sáthach luath. Cé'n chruadhóig baile atá ort? Nach bhfuil neart ann thart le freastal ar bheithidhigh agus eile? Dheamhan dlúthas ar bith leat ins

an mbaile, ná cuid de dhlúthas]/ Beidh greadadh ionbhadha agad. Nach mbeidh tú críochnuighthe roimh dhúnadh na h-oíche, agus nach shin é do dhóthain. Is suarach an cheird do dhuine ar bith a dhul ag déanamh éagcóir air fhéin ag obair d'antlachán mar sin. Ní thiubharfadh sé uisce na bhfataí dhuit ní h-é amháin a mhalrait / Déan deabhadh a dhiabhail áluinn! Ní bheidh muid amuigh as seo roimh dhúnadh na h-oíche. Is gearr a d'aireochthá an oíche ag sciorradh isteach. Níl siar ná aniar ins an lá an tráth seo de bhliain /[Má's lib imeacht níl gnatha ar bith agaibh dúnadh na h-oíche a leigean oraibh féin. Beidh tús na h-oíche anocht dubh. Ní eireochaidh aon-ghealach anocht go dtí taca an deich … Ara céard sin orm? Níl ann ach tóin-ghealach / Bíonn sé amuigh leis an réalt, agus ní fheicfidh tú isteach é ach le dúnadh na h-oíche. Dheamhan mórán dhá shlacht ar a gharrdha in a dheidh sin, shílfeá. Níl sé amach as an gcúl ó dheas fós, aindeoin é a bheith ag cur ann le coicís. Dar príosta dhá gcaithinn leis mar atá seisean, agus bheadh an baile dubhuighthe agam ó a thosuigh sé]/ Dar lom-lán an leabhair, agus ní ag amhdú an uilc é, mara mbeidh tú isteach annseo roimh dúnadh na h-oíche, go bhfuighidh tú faoi na foraí é deirimse leat. Dhá mbeadh maith insan mbóith-reoireacht sin tá tú ag déanamh do cheart di, diabhal bréag nach bhfuil / Dúin ar an mbó = cuir géibheann uirre / Má tá sé istigh anois agad dúin air, agus ná leig amach aríst anocht é / Dá bhfaghainnse istigh í aon-uair amháin, dhúinfinn uirre agus mhúinfinnse di go leigfeadh sí dá cuid reathach aríst / Tá an dorus sin as dúnadh anois go gcuirtear bacáin nuadha air = ní féidir a dhúnadh / Deirimse dúnadh leat. Tá tú as a dhúnadh anois. Má bhaineann tú as leath a bhfuil ann, b'fhéidir dhuit, ach ní mó ná sin é / Tá sib as a dhúnadh anocht. Fághaighidh cineál eicínt maide Éamuinn agus fáiscighidh leis taobh istigh é, nó go bhfaghaidh sib duine a dheas-óchas é ambáireach / Tá sé gan dúnadh muis má 'sé sin a bhí len a dhúnadh. Dheamhan agus móide cuímneachtáil ar bith a rinne sé sin air / Ní mórán dúnadh is call dó. Caoi ar bith a dtarraingeochthá amach é, thiocfadh sé leis /[Is beag an dúnadh atá ag teastáil uaithe. Níor chall bacadh chor ar bith léithe mara mbeadh an iomarca gála isteach innte agus go bhfuadóchadh sé a bhfuil ar an mbord seo]/ Tá an-dúnadh ar an logán mór siúd a bhí taebh thoir de'n teach aige anois. Ba mhór an lear cloch nacharb fhuláir dó siúd len a árdú cothrom leis an mbóthar. Dar fiadh is ait an saothruidhe é, is ait sin /

deara (ndeara) — faoi deara, faoi ndeara — abairt réamhfhoclach

faoi deara, faoi ndeara = (i) cronú, a fheiceál, suntas a thabhairt do rud, a ghrinneadh, a bhrath, a thuigsint; (ii) tabhairt ar, a chur chun caitheachtála, a bheith ar … rud a dhéanamh gan bhuidheachas, a éigniú; (iii) a chleachtadh, a thaithiú, bheith déanta ar, luighe le; (iv) fainic, aire dhuit, leig le t-ais, seachain.

[Níl an chiall Mhuimhneach — "mise fé ndear é" (mise ba chionntach agus rl.) — in Gaillimh measaim]

[Fuaim: i gciall a (i) réamhráidhte, deirtear "faoi deara" agus "faoi ndeara". Bíonn an dá rud ins an áit chéadna, amanntaí ag an duine céadna, ach is coitianta "faoi deara" ná "faoi ndeara" mar sin. I gciall a (ii), bíonn an dá rud freisin, ach measaim gur coitianta "faoi ndeara" ins an gcás sin. I gciall a (iii) "faoi deara" is mó a bhíos ann. I gciall a (iv) faoi "deara" freisin is coitianta measaim ach bíonn "faoi ndeara" minic go maith ann freisin.]

Níor thug mé faoi deara é go dtí sin [: níor thug mé aon-tsuntas dó, níor chuir mé aon-chronuighe ann. B'fhéidir go bhfaca mé é roimhe sin, ach ní raibh thairis ann] / Dar príosta bhí mise scathamh fada ag caint leis, ach níor thug mé na cnaipí faoi ndeara. Ach níl rath ná righeacht liom mar sin. Ní duine meabhrach mé. / Tabhair faoi ndeara anois arís é. Tá an colm annsin air — slán an tsamhail! — ar chasadh an ghéill. Mara mbreathnuightheá go maith air, ní fheicfeá é /[Is fada mé ag dul thar an áit sin, agus dheamhan ar thug mé an oiread sin faoi deara ariamh ann, agus a d'innis tusa dhom anois. Is mór is feicthear do'n diomhaointas 'ar ndú' / Is beag an baoghal nach bhfuil sé tugtha faoi ndeara aige. D'fheicfeadh cuid de na daoine an fhríghid]/ Thug sí faoi deara é ar chúla an chlaidhe. Ní chorróchadh an chuileoig i ngan fhios di siúd. Tá sí cho meabhrach len a bhfaca tú go h-iom-aidh / Bhí an torann len aireachtáil i gcomhnaí agam, ach níor thug mé tada faoi deara, bíodh aon-cheo ann nó ná bíodh. Diabhal mé go mb'aisteach an rud é ar aon-chor / Is beag marach ar aon-duine nach dtiubharfaidh an mhagarlach siúd faoi ndeara. Agus 'ar ndú mo léan mara bhfuil sí indon a ngléas! / Níor thug mé an fear faoi deara beag ná mór (: ní fhaca mé é) go dtáinic mé amach ar an mbóthar. Sin é an uair a bhuail sé agam (: chugam) anoir — agus tabhair splíota air! /['Sé an chéad uair ar thug sí faoi deara go raibh rud eicínt ag dul di an lá ar cuireadh Sean-Mh.

Ar éigin a rinne sí an baile an lá sin le pian ghártha a tháinic in a ta{obh. Dhá} dteigheadh sí roimhe an uair sin féin, bhí aice, ach d'fhága sí mar {?} cion faillighe, go dtí ráithe in a dhiaidh sin / Níl cúis ar bith io{? }

tabhairt rudaí mar sin faoi ndeara. Bheadh an ealadhain sin ar srúbhal (: siubhal) as comhair mo dhá shúl, agus ní bheadh a fhios agam faice / Cheal nachar thug tú aon-bhlas faoi deara aréir? An bhfaca tú í ag síneadh an leabhair chuige? Scríobh sí rud eicínt ar phisín de pháipéar roimhe sin, agus bhí an páipéirín sin ins an leabhar. Chuirfinn a bhfuil istigh agus amuigh agam go (: gur) b'éard a bhí ar an bpáipéirín sin rádh leis castáil léithe anocht in áit eicínt. Ní raibh aon-deis eile aice é a rádh leis as coinne na máthar. Is dall an mhaise dhuit é, marar thug tú an méid sin faoi deara. Is maith a bhrath C. é. Nach bhfaca tú an fad a bhí sé a bhaint as a mhuineál ag iarraidh amharc a fháil isteach ar an leabhar / Ní thiubh -arfaidh an t-athair aon-nídh dhár dhealbh an ghrian faoi deara, má ghníonn tusa do ghnatha go cuí(bh)eamhail. Ach tárrtháil orainn ó Mhac Dé, gheobhaidh tú dual na druinne má bhrathann sé thú]/

Chuir sé faoi ndeara dhom eirghe leis an scairt-mhaidin agus a dhul amach ag bleaghan. Níor chuir sé faoi ndeara dhom an dárna h-uair é mar níor fhan mise féin aige a chur 'un caitheachtála dhom /[Mara gcuiridh tú faoi ndeara dhó rud a dhéanamh anois, agus fír na maitheasa a chur ann in am, déanfaidh sé leaduidhe / Chuir sí faoi ndeara dhom mo bhróga a ghlanadh ag an dorus. Diabhal mé go sílfeá gur teach mór atá aice, tá sí cho h-áirdeallach sin faoi / Mara ndéanaidh sé dhá dheoin féin é muis, cuirfear faoi ndeara dhó a dhéanamh. Meastú a bhfuighidh sé cead a chomhairle fhéin mar sin. Gheobhaidh muis]/ Cuirfidh mise faoi ndeara dhó go nglacfaidh sé stuaim leis féin, agus nach mbeidh sé ag rith air mar sin. 'Ar ndú' níorbh fhiú do dhuine an chabhail sin a thabhairt abhaile / 'Siúd é a chuirfeas faoi ndeara dhi áird a thabhairt ar a gnatha. Má bhí saoghal na bhfuigheall aice ins na am a caitheadh, dar brigh an leabhair, caithfidh sí obair a dhéanamh feasta. Tiubharfaidh an sean-chonablach siúd ruaigeadh na Muice Báine amach di 'chuile mhaidin / Ná bac le rud ar bith a chur faoi ndeara dhó siúd. Nach bhfuil mo chroidhe dubh aige ag tuineamh leis, ach is aon-mhaith amháin dom é. Tá an tsiléig go smior ins an leicim-éara sin / Tá coimhightheas aige le 'chuile dhuine. Mara bhfeiceadh sé ach S. Ph. atá i mbéal an doruis aige ag teacht faoi'n teairse (: tairseach), ghreadfadh sé amach an dorus dúinte nó siar ins an seomra. Chuir an misinéara faoi deara dhó a dhul ag an Aifreann cupla uair ach níor thaobhuigh sé é ó shoin / Chuir sé faoi deara do'n fhear thiar eirghe as an ól muis, rud a chinn ar 'chuile dhuine eile, pébrí cé'n bhriotais a bhí aige leis. Dar mo leabhar nach bhféadfá teach ósta a shamhailt leis anois. Bheadh sé cho maith dhuit fuath-fíonna a thairis -cint dó le pórtar. Ní thiubharfadh sé bolg dó, a dhearbhráthair /

Is gránna an faisean a thug sé faoi deara dó féin = a thaithigh sé, a chleacht sé, ar luigh sé leis, a ndearna sé nós nó béas de / Nach gránna an faisean a thug sí faoi deara di féin, a bheith ag cur banlá dhá teanga amach faoi 'chuile dhuine. Tá a muíntir náirighthe aice. Is mór an úais í /[Ná tabhair faoi deara duit féin a bheith ag fáisceadh cóta mór ort féin chuile phuínte mar sin. Is olc an faisean é. Ní bheidh acmhuinn ar bith agad ar an bhfuacht ar an gcaoi sin. Beidh tú in do bhoigleachán chríochnuighthe]/ Má thugann sé faoi deara dhó féin a beith ag ól súmógaí mar sin, is gearr go dtosuigh-idh sé ag ól gloineadhachaí. 'Sí an bhlaismínteacht sin a ghníos "druncaer -aí" de chuid mhaith de na daoine / Má thugann sí faoi ndeara dhi féin tosuighe ag "beaiceáil" chor ar bith, do cheann-finne ní chuirfidh faoi ndeara di tarraint choidhchin. [An bhfuil a fhios agad "an-phleain" ag capall a bhíos ag "beaiceáil". Cuir ionga tobac in do bhéal agus cangail go maith é, agus scaoil isteach smugairle an tobac in a cluais. Cuirfidh mise mo rogha geall leat gur beag an "bheaiceáil" a bhéas uirre annsin. Féach léithe é, go bhfeicidh tú]/ Madadh ar bith a dtiubharfar faoi deara dhó fanacht ag forcabhás ort agus thú ag ithe do dhinnéir, is madadh millte a bhéas ann. Níl le déanamh le madadh, ach cur faoi ndeara dhó luighe ins an gclúid agus a smut in a chúib, cho uain agus a bhíos duine ag ithe a bhéilí. Má thugann madadh faoi deara dhó féin é sin a dhéanamh uair amháin, beidh sé múinte go bráth /[Is gránna an chaint atá ort. Má thugann tú faoi deara dhuit féin a bheith ag rádh cainteannaí gránna mar sin, greamóchaidh siad duit agus cinnfidh ort eirghe asta amach annseo. Déanfaidh tú do leas, má ghníonn tú aithrist ar chlann T. Sh.! / Thug sibh cead do'n asal sin an rud sin a thabhairt faoi deara dhó féin, agus a ndubhshlán anois feiceamuist, coinnigidh as é. Ó a fuair sé blas na h-áite sin, tá sé fánach a choinneál as]/
Thug sé faoi deara dhó féin a bheith ag caitheamh "feaigs" thuas ar an "scím" (: móna) anuiridh, agus tá sé ag réabadh dhá n-iarraidh ó shoin. An lá nach mbeidh siad aige, bíonn súnás ag imeacht air. Ní bhíonn focal de'n chaint uaidh / Céard a thiubharfadh an chlann faoi deara dhóib féin ach an rud a chonnaic siad an mháthair a dhéanamh. Níor thóig a máthair sin ceann as ól ariamh. Ba diachta do'n chlann inghean annsin, mara mbeidís féin ag baint braon as de réir mar a gheobhaidís deis. Dheamhan ceilteamas ar bith aca air anois. Ólann siad as coinne 'chuile dhuine é /[Ná tabhair faoi deara dhuit féin a bheith ag piocadh do smaoise mar sin, a mheantáin. Náireóchthá muid dhá

n-eirigheadh le duine ar bith a mbeadh aon-chás againn faoi, a bheith istigh. Ní minic leat an deagh-fhaisean a thógáil — ní minic sin]/

Tabhair faoi ndeara nach n-itheann anois = fainic nach n-itheann; sílim go n-itheann (: "take care that agus rl., Béarla na h-Éireann: "take care he doesn't drink" = I think he drinks / Níl sé ag ól adeir tú. Tabhair faoi deara nach bhfuil (: tá sé ag ól dar liomsa) /[Deir tú nach bhfuil sé ag caitheamh tobac. Tabhair faoi deara (: fainic nach gcaitheann)]/ Measann tusa nach dteigheann sé in éindigh le cailín ar bith. Tabhair faoi deara! An cuímneach leat an oíche a raibh muid ag an mbainis i S. Cé a bhí thiar ins an tsáinn ag ceann bóithrín an T. an oíche sin … Sin é é. Is furasta dalladh mullóg a chur ortsa. Súm-sám mar sin is measa a bheadh. D'íosfadh na muca ciúine féin triosc! /[Síleann tusa gurb é S. a rinne é. Tabhair faoi deara ab é. Má sé muise, ba diabhlaí an deifir a rinne sé, má tá indán agus gur buaileadh an ceann eile ag an h-aon dhéag. Arae sé sin an fáth, bhí sé ag ól tigh Th. an oíche sin nó gur cuireadh amach muid ag leath-uair th'éis an deich, i gcruthamhnas duit nachar mhór dhó bealadh a chur faoin a ioscadaí le bheith i nD. L. ag an h-aon dhéag: fear nach raibh "bicycle" ná deis marcaigheacht' ar bith aige ach na buinn]/ Tabhair faoi deara go bhfuil rud eicínt air, ar ala na h-uaire (: fainic nach bhfuil rud eicínt air; tá rud eicínt air). Dhéanfadh páiste an fhoghail atá déanta aige ins an ngarrdha le coicís. Ní theigheann sé amach ar aon-chor, go n-ársuigh -eann an mhaidin amach, agus sin iongantas d'fhear a bhí in a mhochóireach cho maith leis-sean 'chuile lá ariamh /[Níor iarr M. Ph. í. Tabhair faoi deara (: nar iarr). Ní shin é adéarfaidís féin muis, ach gur chuir sé cheithre scéala ag an teach, agus go raibh siad féin sásta, ach nach bpósfadh sise é. Ba sean léithe é]/ Measann tusa go bhfuil an scrománach mór siúd ann amuigh in a mháistir scoile. Tabhair faoi deara. Cá raibh sé le cupla bliain. Dubhairt siad féin gur thuas i mBaile Átha Cliath é, ach an gcreidfeá céard a chuala mise fear eolasach ag rádh: go raibh sé ag obair in éinfheacht leis féin i "bhfactory Ford" i gCorcaigh, ag déanamh carrannaí. [Breathnuigh ar an dá láimh atá air. Ní ag plé le peann a bhíos siad. Is beag an baoghal]/ Tabhair faoi ndeara an raibh aon-duine cloinne aige chor ar bith leis an gcéad-bhean? 'Sé mo bharamhail-sa nach raibh. Nach n-aithneóchthá an tsrón atá ar an mac is sine sin as srón chúbach Mh. Sh. Sróinín bheag gheanncach a bhí ar athair an chéad-bhean /

dóghadh (: Dóighim) agus rl. = Briathar, Ainm-bhriathar, Ainm-fhocal.
dóghadh = loisceadh, ídiú le teine nó le teas, scalladh, ruadh-loscadh, cor géar nó searbh i bhfataí agus rl.; sceadtha, ruaidhte seargtha ag teas, breoidhte, searbh, leanndubhasach, fastuighthe, aimsighthe, gabhtha, i ngreim, curtha ó dheis etc. An ga a chuireas neanntóg ionnad agus rl.

Ainmneacha áiteacha: An Teach Dóighte, an Baile Dóighte agus rl. / Tá an cáca dóighte / Dhóigh tú na fataí sin len ar thug tú de bhruith dóib / Dóighfidh tú do bhróga mara gcoinnighidh tú aníos as an ngríosa(igh) iad / B'éigin a raibh d'éadach ins an teach a dhóghadh: Déantar i gcomhnaí i dtighthe fiabhrais é / Ab iad a dhóghadh a rinne tú (: bróga). Tá siad réidh ó'n bhfeire amach ar aon-chor /[Dóighfidh tú do chóta mór mara ndeasuighidh tú aníos ó'n teine. Is maith é an goradh cúl cos sin, má bhaineann tú dhíot an cóta mór / Diabhal easna dhó nachar dhóigh an teach / [Dóigheadh an teach air. / Dhóigh duine eicínt an iothlainn air / Dhóigh siad an féar ar fad air anuiridh]/ Ná dóighidh an leabhar sin orm. Teastóchaidh sí uaim / Sin teach atá ag dóghadh móna = ag ídiú móna /[Dhóighfeadh an bhean sin a bhfuil de mhóin ar Dh. an Bh. Ach is beag dhá cuid féin a dhóighfeas sí]/ Tá a raibh de mhóin annsin dóighte / Ná dóigidh níos mó móna anocht. Déanaigidh réidhteach léithe. Caithfidh an scaipiúch sin sib a chur thar an lá ambáireach]/ Tá sí sin luath-lámhach deirimse leat! 'Sí a dhóigh ar bhain mé de mhóin i mbliana. D'eireochadh dhi, agus dhá theine ar siubhal i gcomhnaí aice / Níl maith ar bith leis an adhmad sin le dóghadh. Tá an iomarca súghlaigh ann / Tá mé dóighte / Tá mé dóighte bruithte ag an uisce fiuchta sin / Nach tú an laisceach gur leig tú an splainc síos in mo bhróig. Tá mé dóighte bruighte aice / Dia aithnightear! Coinnigh amach ó'n bpota sin, nó is gearr gur dóighte bruithte a bhéas tú / Is gearr a bheadh an t-uisce sin do do dhóghadh agus do do bhruth /[Tá sliabh ag dóghadh in áit eicínt. 'Bhfeiceann tú an lasair]/ Cá'il an loscadh sléibhe … D'eile céard é ach fraoch atá ag dóghadh / Dhóighfeadh an fraoch sin anois mar a bheadh barrach ann / "Tá Sliabh na mBan dhá dhóghadh," adeir an bhean abhrais. "Túirne agus cárla uaimse ann" adeir bean aca, "Túirne agus cárla uaimse ann" adeir bean eile … [As scéal — "Bréidín Chailleach na n-Adharc"] /[Tá aiteann dhá dhóghadh suas annseo / Níor airigh sí an gasúr dhá dhóghadh / Is gearr a bhí an feánnach móna sin dhá dhóghadh]/ Dóigh as amach iad (: creagáin ar chosa) / Tá mé dóighte ag an ngréin / Tá an craiceann ar fad dóighte ar mo lámha ó'n ngréin. / Cuir ort balcais eicínt. Tá an ghrian do do dhóghadh / Ní dhóigheann an cut é féin, ach ní bhíonn an sean-chab mar sin (sean-fhocal) / An té

a bheadh dhá bháthadh, b'fhearr leis dhá dhóghadh, agus an té a bheadh dhá dhóghadh
b'fhearr leis dhá bháthadh = thiubharfadh duine donacht nó cruadhchás na
h-uaire ar dhonacht nó ar chruadhchás eicínt ba sheacht measa ná é, dá
bhféadadh sé / B'fhearr leis i bpríosún 'nuair a bhí sé ar a theicheadh. Sin é
an chaoi a mbíonn sé ag duine i gcomhnaí: an té a bhíos dhá bháthadh
b'fhearr leis dhá dhóghadh /[B'fhearr liom go fada ag caitheamh brící
ná an cheird atá orm, ach chreidim an té a bhíos dhá bháthadh go
mb'fhearr leis dhá dhóghadh. Dubhradh 'chuile lá ariamh é / Creid mé dhuit
ann anois go mb'fhearr liom donacht ar bith eile faoi'n domhan a bheith orm an
puínte seo de ló ná an t-anshógh atá orm. Ach deir siad an té a bhíos dhá
bháthadh go mb'fhearr leis dhá dhóghadh. Sin é a fhearacht agamsa é, chreidim]/
Dá ndóightí an teach ba le bean an tighe an luath (: luaithre) = [sean-fhocal]
= is leis an uainéara gach uile thairbhe — dhá laghad é — dá mbaineann leis an
uainéaracht /[Má tá sé tuithte féin, is liom na clocha. Chuala tú ariamh é:
má dhóightear an teach, is le bean an tighe an luath / Is linne an lóchán. Níl aon-
bhaint ag aonduine eile dhó. Má dhóightear an teach is le bean an tighe an luath /
Tabhair leat na sceidíní ar aon-chor. Ná fág ag aonduine eile iad. Ó thárla
go raibh sé de smál orainn a bhriseadh, níl aon-mhaith dhuinn a bhrabach a fhágáil
ag aonduine. Dhá ndóightí an teach badh le bean an tighe an luath]/ Cuireadh
cuileann gan dóghadh léithe (cf. cuileann) / Tá mo chosa dóighte ag na bróga
= dá mbeadh bróga cumhanga ann, nó dá gcaithteá aistear fada a shiubhal,
bheadh do chosa bruithte ins na bróga / Tá mo theanga dóighthe aige (poitín) /
Tá a chroidhe dóighte ag an bhfuisce / Bhí sé dóighte uiliog in a stéigeachaí
de bharr "cigarattes" /[Tá mo stéigeachaí dóighte len ar ól mé de phoitín
ag bainseachaí le coicís / Tá an poitín sin dóighte ar fad. Is furasta
'aithinte ar a bhlas é. Droch-chruadhchan a rinne é sin anois cheapfainn /
Ní éadáil mhaith é sin a ól. Tá sé dóighte ar fad. 'Deile cé'n chaoi
a mbeadh sé agus a theacht ó Ph. Níor mhinic leis an braon ar foghnamh
a bheith aige — níor mhinic sin / Scread mhaidne ar a chuid poitín dóighte!]/
"Bím ins an oíche ag ól: bím ins an ló in mo leabaidh;
Bionn mho chroidhe dhá dhóghadh nuair a bhíos mo phócaí falamha" /
Tá a croidhe dhá dhóghadh ó d'imigh sé = tá sí leanndubhasach brónach;
tá guirín ar a croidhe ó d'imigh sé / Feicfidh tú croidhe dóighte aige 'nuair
a chloisfeas sé go bhfuair tusa cuireadh agus nach bhfuair sé féin é /
[Dhóigh sin a chroidhe ar fad muis, 'nuair a chuala sé go ndeachaidh sí abhaile

in éindigh leis-sean, agus nach dtiubharfadh sí comhaireamh na sop dó féin / Tá na cosa dóighte aice de bharr na teine / Is beag é a maith ná a maoin sin ach a dhá ladhar le teine aice dhá ndóghadh]/ Nach fearr í ná bean a mbeadh a sprean-gaidí ins an teine aice dhá ndóghadh / Diabhal luach leithphighne a ghníos sé sin ó mhaidin go faoithin ach a chosa insan teine aige dhá ndóghadh / Tá na fataí sin dóighte ag an sioc = fuair siad an sioc agus thug sé blas orra / Níor cheart poll ar bith a bhriseadh ins an gcloigeann ó thuaidh, ach ins an taobh ó dheas. 'Bhfeiceann tú na fataí sin anois. Tá siad dóighte ag an sioc, th'éis go raibh an poll clúduighthe go maith. Ach theangmhuigh gaoth an tseaca leo in a dheidh sin / Ní raibh fata de bhláth bliana ins an ngarrdha sin againn anuiridh nach raibh dóighte ag sioc. [Ní raibh sé ionrásta aon-cheann amháin aca a ithe. Bhí blas orra as éadan / Níl fata ar a fhaghaltas i mbliana ach fata a dhóigh an sioc. Níor thapuigh sé a ghnatha in am. Leig sé ro-fhada gan baint iad]/ Cé an chaoi a bhféadfá gan do chuid fataí a bheith in a ngruth. Tá an talamh dóighte agad le feamuinn dearg. Talamh ar bith atá dhá leasú le feamuinn ar a h-aghaidh féin, is talamh dóighte é / Tá a bhfuil de thalamh annseo as éadan dóighte ag an bhfeamuinn. Níl bráid ar bith ar foghnamh le cladach. B'fhéidir dhá ndoirteá suas i mbéalmhachaí na mbarra garbha sin ins an áit a bhfuil an riasc stalcanta, agus giollaidheacht mhaith a thabhairt dó, go mbainfeá barr ar foghnamh dó (de) /[Talamh ar bith atá fóduighthe ar an aimsir seo, tá sé dóighte ar fad (: ag an aimsir bhreagh agus ag an tiormach). Feicim na buird atá thuas annsin insan bP. Á. Dar mo choinsias duit, tá siad faoi scáineadhachaí as éadan]/ Tá sean-chur réasúnta, ach ná bac le cur óg. Tá sé sin dóighte ar chuma ar bith. Is beag an dochar dhó agus gan deoir (: bháistighe) a bhualadh air ó'n aonach beag /[Tá 'chuile áit dóighte ag an spalpadh seo. Má mhair -eann dó dar Dia beidh beithidhigh thart cheal uisce]/ Dar príosta, is suarach an t-iongnadh na barrannaí a bheith dóighte agus an t-achar atá sé ó a fuair siad aon-bhraon báistighe. Feicim an sean-chur atá annsin thoir agam ag seargadh. Níl an cur óg leath cho buailte leis, ach tá a bhfuil de chur óg agam i ngiodáin ghleannacha, agus bheadh a bheagán nó a mhórán fliucháin aige / Sé'n fáth is mó a ndéanann siad cur bréige in áiteacha, mar bíonn faitíos orra go ndóghfadh an fheamuinn na síolta / Tá sé dóighte bruithte ins na neanntógaí. ["dóghadh" a tugtar ar an "nga" a chuireas neanntóg ionnad] / Chaith siad an oíche

aréir ag éagcaoineadh in áit ar dhóigh siad féin agus clann Mh. Ph. Sh. a
chéile le neanntógaí ag teacht ó'n scoil /[An mháistreás mhór
— céad slán di — ní bhuailfeadh sí chor ar bith thú ach thú a dhóghadh
le neanntóig. Níor mheasa beirthe é, arsa tusa. B'fhearr
linn go fada muid a bhualadh ná muid a dhóghadh. Bhí a shliocht
uirre: tugadh áird ar na leabhra cho uain agus mhair séasúr na
neanntóg. 'Sé a raibh call di a rádh "te te", agus d'fheicfeá muid féin
ar 'u' (: ar) mine-ghéire ag fóghluim]/ Ní hé an bualadh a fuair sé
a dhonuigh é amach agus amach, ach i dteannta 'chaon tsórt
thuit sé in a phleibistín isteach i dtom neanntógaí thiar ag boithrín
Sh. Ú. agus dóigheadh agus bruitheadh é. An uair a bhaineadh dó (: de) thiar ag an
teach, idir neanntógaí agus gearraidheachaí agus brúghannaí, ní raibh orlach
bacaird slán in a chorp /[Nach h-iad na h-aidhbheirseoirí gan choinsias
anois iad! An bhfuil a fhios agad céard a rinne siad, asal le P. Mh. a
raibh deargadh tiaraighe air a thabhairt leo, agus sean-tiarach a chur air
agus neanntógaí a chur faoin a dhrioball innte. An uair a dhóigh na neanntóga
an t-asal bocht, chuaidh sé ingealta. Ar éigin agus ar arach a ceannsuigheadh
chor ar bith é. Is minic ariamh a thóig muid neanntóg le asal roighin a
dhóghadh faoi bhun an driobaill, ach má seadh ní asal deargadh
tiaraighe é]/ Tá tú dóighte = A lán cleis agus cluichí, bíonn "dóghadh" ionnta:
sé sin duine a ghabhail, nó a fhastú, nó lámh a leagan air, agus cuirtear pionús
ar an té sin annsin, nó caithfidh sé a dhul in áit an duine eile a dhóghas é,
nó comhairtear puintí ins an gcluiche in a aghaidh. Cuirim i gcás "'bhFal-
ach Bhíodhg". [Is cluiche simplí é. Teigheann duine A. ar chúla leachta
nó cloiche nó a leithide agus cromann sé síos agus a shúile clúduighthe aige, agus imigheann an chuid eile amach ar fud an ghiodáin,
go dteighidh siad i bhfalach. Cho luath agus a fhuagróchas duine aca ar A.
go bhfuil siad i bhfalach, nó a dhéanfas siad comhartha dhó, eireochaidh sé
agus fágfaidh sé an daoradh (: an áit a raibh A. cromta nó cloch in aice leis) dhá
dtóruigheacht. De réir mar a bhéas sé ag dúiseacht an dreama eile as a
n-áit faluighthe, leanfaidh sé iad le breith orra, nó láimh a leagan ar
dhuine aca. Féachfaidh siadsan leis an daoradh a shroicheamhaint gan
a ngabhail nó a "ndóghadh".] An té a n-eireochaidh le A. lámh a leagan air
nó a ghabhail, beidh an té sin "dóighte", agus caithfidh sé a dhul isteach
agus cromadh ag an daoradh, mar a rinne A. an geabh roimhe sin,
agus beidh cead a choise ag A. féin a dhul i bhfalach anois. Déantar

geabh eile de'n chluiche ar an gcóir chéadna. Tá dóghadh in a lán cluichí agus siamsaí eile freisin. Leis an liathróid a déantar "an dóghadh" ins an gcluiche corr. [Buailtear an té a bhíos in a rithte-reathach, leis an liathróid, agus bíonn sé dóighte.] Tá dóghadh i bpúicín, i gclocha péire agus i gcluichí eile freisin / Tá tú dóighte. Caithf -idh tú cromadh. / Dhóigh mé thú. Níl aon-mhaith dhuit dhá shárú anois / Tá an comlán se'againne ar fad ó dheis. Dóigheadh T. shul má bhí sé ar an daoradh teacht abhaile /[Dóigh é a fhleascaigh, dóigh é. Cé leis a ndeachaidh tú chor ar bith. Shíl mé go raibh rath eicínt ort thairis sin. Beidh sé "ins an mbaile" shul a bhéas an liathróid caithte agad. Tá cor tuaithbheall in do láimh. Chlis tú go dona air!]/ Seo é "Riocairdín" anois. Cuir na clocha péire ins an gcrúib oscailte agus lioc anuas na méarachaí roint. Anois caith suas uiliog iad, agus ionntuigh do láimh agus tóig iad ar chúl do láimhe. Mara gcoinnighidh tú ceann, beidh tú dóighte (: beidh tú as) / Seo é an chaoi le na "rástaí gearra" a dhéanamh. Leag mar seo indiaidh a chéile iad. Ná cuir cho fada sin ó chéile iad. Anois caith-fidh tú an ceann seo atá in do láimh a chaitheamh ins an aer, agus an chuid eile ar fad a thógáil i dteannta a chéile. Má chinneann ort, beidh tú dóighte / Tá airgead le dóghadh aige = tá airgead in a chocaí beaga aige = níl cinneadh ar bith len a chuid airgid /[Is beag a aireochas sé sin "radio" a chur isteach. Tá airgead le dóghadh aige / Bíodh sé buidheach do'n udhachta, nó ní fhéadfadh céad punt spré a thabhairt dá inghin. Ach is beag 'e mheas atá aige anois ar dhaoine dona, ó tá airgead le dóghadh aige féin]/ Ní poll dóighte ar mo chóta-sa an leas-ainm sin a thabhairt orm = ní údar droch-mheasa dhom go dtugtar an leas-ainm sin orm /[Ní shin poll dóighte chor ar bith ar a chóta. Mara bhfuil le casadh leis ach go mbadh gliomadóir é, is beag atá le casadh leis. Ní údar náire ar bith d'aonduine a bheatha a shaothrú]/ Má sin poll dóighte ar a chóta muis, go bhfóiridh Dia ar thuilleadh. Mara bhfuil le caitheamh ag duine in do bhéal ach gur ith tú min bhuidhe, 'séard adéarfainnse: "má's peacadh a bheith buidhe tá na mílte daman-ta". Cá'il an té nachar ith an dream a bhain leis min bhuidhe / Níl ball dóghadh ná loiscthe air [cf. ball] / Gabh amach as sin a ioscadaí dóighte! = le gasúr nó duine a bheadh i gcomhnaí ag breacadh a luirgne ins an teine / Ara níl déantús maitheasa ar bith in ioscadaí dóighte siud. Céard a ghníos sé ach ag breacadh a luirgne chois na teine /

[Níl aon-ghnatha na beithidhigh a chur amach ar an gcriathrach dóighte siúd. Ach beidh cimín súighte ann fós ach a bhfaghaidh sé ionbhadh fás]/ Ná tabhair an cáca dóighte sin d'aonduine / Artha an dóghadha = artha adeirtear le dóghadh a leigheas. Is iomdha leagan uirre: "Labhrás Aspal, Mícheál Árd-Aingeal, Muire agus Dia, baintear an ghangaid amach as sin" (: as an dóghadh) / Mo léan dóighte, mo chreach mhaidne dhóighte, mo léan dóighte deacrach agus rl. = [Rosc — leaganacha cainte] / "Mo chreach mhaidne agus mo léan dóighte, nach bhfuil mé cho h-óg agus a bhí mé ariamh,
Go ndéanfainn aithgiorra thríd chnuic a's thríd bhóithrí, agus go gcuirfinn cóitín ar mo Nóra Bhán"
[As amhrán — Inghean Frainc Confhaola] / An dóghadh a d'fhága na lorgachaí sin = sin lorgachaí dóghada = sin lorgaí dóighte / Ní cuilm ná sean-ghearraidheachaí iad sin chor ar bith, ach lorgaí ó dóghadh / Sin dóghadh a d'eirigh dhó. Tá sé as a chomharaidheacht ar fad /[Dóghadh ó neanntóig na guiríní sin. Is tinn an rud dóghadh neanntóige / Má fhaghann tú dóghadh ó neanntóig, tá sé cho bioránach le rud ar bith. Is measa go mór é ná na daethachaí (: doighteachaí fiacal)]/ Tá baladh an dóghadha in áit eicínt = tá baladh an dóighte in áit eicínt [ach is coitianta an chéad leagan] / Tá baladh an dóghadha ar an gcáca sin / An ar do chuid éadaigh atá baladh an dóghadha? Tá sé in áit eicínt ar chuma ar bith — agus go láidir /[An cailín a d'airigh baladh an dóghadha idtosach. Marach a fheabhas agus a thapuigh sí é, bheadh dubh-dhóighteán ann / Cá'il baladh an dóghadha. Fainic ab é an madadh sin a chuirfeadh na sean-cheirteachaí thrídh lasadh / Chídhtear dhom go bhfuil baladh an dóghadha ar rud eicínt. Breathnuigidh fúib agus tharaib annsin. Maran aon-smiochóid ó'n teine a ghabhfadh ins an gcárnán arbhair / D'aithneochadh sé an rud a mbeadh baladh an dóghadha air istigh i gceartlár Ifrinn. Is cumasach an tsrón atá air. Ach sin é a mhaith agus a mhaoin, ag smúracht thart timcheall mar sin]/ Tá dóghadh croidhe orm = cineál dóghadha nó seirbhthean a bhíos ins an gcliabhrach cf. Foclóir an Duinnínigh "dóghadh" / Bíonn dóghadh croidhe air i gcomhnaí, agus is olc é an dóghadh croidhe sin má sheadaigheann sé duine / Shílfeá go bhfuil dóghadh gréine ort = dóghadh ó'n ngréin / Mo léan dóighte 'sé nach bhfuil an dóghadh gréine air. Ach d'eireochadh dhó. Ní fhaca sé siúd an áit amuigh le ráithe /[Sin é an faisean atá aca uiliog anois; iad a bheith faoi dhóghadh gréine

ó bhonn go baithis. Deir siad gur congnamh mór do'n tsláinte é. Tuiteann an sean-chraiceann díob, agus annsin cuimligheann siad ola dhóib féin a thugas dath buidhe orra. An t-ath-chraiceann a theagas orra in a dhiaidh, tá an-teacht aniar ann ar fhuacht an gheimhridh. Dheamhan a fhios agam beirthe é, ach de réir mar chloisim ag caint an dream seo eile]/ Níl dóghadh gréine ná spuaic láighe air siúd deirimse leat. Is deacair dhó a bheith, agus gan aon-amharc a fháil ar an ngréin le leath-bhliain, mara bhfeiceadh sé thríd an bhfuinneoig í go díreach; agus maidir leis an láighe … /[Tá dóghadh gréine ar an bhfata seo = fataí a bhíos leis ins an gcreafóig, agus a ndóghann an ghrian iad, nó nach mbíonn orra ach clúdú fánach ins an gcréafóig. Bíonn blas orra len ithe / Diabhal dóghadh gréine ann i mbliana ná cuid de dhóghadh gréine, mar nach raibh aon-ghrian ann]/ Hébrí cé'n cur a thiubharfainn orra ar an gcnocán céadna ariamh, bheidís faoi dhóghadh gréine orm de mo bhuidheachas. Scáineann an chreafóig ann ar bhealach eicínt. Tá a chomharaidheacht len a chois / Fataí dógh gréineacha (fataí dógh gréine) a bhí ag an gceann céadna chuile lá ariamh mar nach leigfeadh a chuid antláis dó caitheamh leo agus a bhfódú agus a lánú mar is ceart / Ní bheidís dógh gréineach againn i mbliana, marach an ceann a lánuigh iad. Bhain sé an lán ceart go leor, tharae nuair a casadh ann mé seachtain in a dhiaidh sin, bhí na chlascannaí faoi chréafóig mharbh uiliog. Dheamh-an a fhios agamsa ar lánuigh sé chor ar bith iad ach gur bhain sé an lán. Má lánuigh níor chuir sé orra ach daithín. Tá a shliocht orra : dheamhan thiomanta ceann aca nach fata dógh gréine é / Níl dóghadh teine leath cho dona le dóghadh uisce. Cneasuigh-eann an dóghadh tinn gan aon-stró mar is dóghadh glan é, ach is droch -lot é an dóghadh eile. Bíonn an oiread learsachaí (: leasrachaí) agus pucóideachaí in a dhiaidh agus gur mór an tseanmóir é. Níl a fhios agam féin an bhfuil aon-rath le teanga an tsionnaigh ar dhóghadh. Níl cinneadh léithe ar lot ar bith eile ar chaoi ar bith. Sí an cailín í le deilgne agus fleascannaí a thabhairt as cosa agus as lámha / Chaith tusa curraintín ag dul in éindigh leis an mbean sin. Níor dóigheadh thú mar a dóigheadh B. Bh. Bh. = samhail ó'n neanntóig. Níor imir sí an cluiche claonach ort? Níor bhreodh sí do chroidhe agus thú a chaitheamh i gcártaí annsin? /

D'eirigh dóghadh gréineach annseo dhom an bhliain cheana, agus tá scoilteachaí ann ó shoin. Th'éis an moladh a bhíos ag daoine ar neart, gréine diabhal a gceapfainn féin go bhfuil an iomarca di go maith]/ Seo é mo mhaicín bán gan scríb chaorach, dóghadh gréine ná gearradh láighe = gan marach ar bith [Bean adubhairt ag moladh a mic]

dalba, dalbaí = aidiacht [Focal an-choitianta i gcaint. Tugtar "dalba" agus "dalbaí" air] Dalba = diabhaltaí; áidhbhéil; gártha; scréachánta; iongantach; cumasach; doscúch; mío-fhortúnach; míonósach; mór, millteach, uathbhásach; damanta, dubh-; dearg-; ciotach

Is dalba an aimsir í, agus gan cosamhlacht claochmhú ar bith air. Má mhaireann an sneachta seo i bhfad eile, beidh beithidhigh criogtha, an uair nach féidir a leigean amach. Ach diabhal mé go bhfuil na daoine féin in an-chaoi freisin / Fear dalbaí é. Bhí sé thoir annsin thoir lá an aonaigh, agus d'iarr sé amach fear ar bith a bhí istigh tigh Mh. ar "fair play". Bhí cho maith le fiche fear istigh, agus dheamhan thiomanta duine aca nachar chlaon uaidh / Nach dalba an bealach atá leis: ag imeacht mar sin ag biadán agus ag coireamhaint ar a chomharsa, agus i gcomhnaí ag ollúchan achrainn. Dheamhan sástuigheacht aige ann mara bhfeicidh sé daoine i mbroinnleachaí a chéile, agus ag troid agus ag achrann. Sin é a bhuac / Garrdha dalba é sin. Bhí sé cho maith dhuit a dhul amach i lár easca shléibhe agus tosuighe dhá saothrú le bualadh faoi'n ngarrdha sin. [Th'éis ar chaith mé de dhúthracht leis dhá leasú, agus dhá shocrú agus dhá thriomú, chinn orm aon-bharr slachtar a bhaint ariamh dó (: de). Bheadh sé fliuch de do sheacht míle buidheachas. Tá máithreach an uisce faoi]/ Is dalba an aoirde atá ins an reanglachán siúd. Bhuailfeadh sé a chloigeann go réidh socair thuas ar an áiléar sin. Níl aoirde ar bith in P. S. len a ais. Dhéanfadh sé siúd beirt mar é / Bhí cogadh dalbaí annsin. Dheamhan fear dhá raibh ann nachar fhága sé a shéala air. Breathnuigh ar Ch. Bh. S. Tá scéin ann /[Is dalba an obair a rinneadh annsin. Ach b'orra nach raibh an mhoill. Is beag a aireochas daoine obair a dhéanamh, 'nuair a bhéas 'chuile shórt ar a mian aca]/ Ba dalba an oíche í sin. Bhí na scaltrachaí ag breith ar a chéile agus mé ag teacht aniar an bhóthar. Shíl mé dheamhan fata a changlóchainn le mo ló arísť / Tabhair ithe dalba air! Má d'ith sé a bhfaca mise, tá collach goile air / Nach dalba an cheird atá oraibh? Breagh nach leigfeadh sib dó uair eicínt agus gan a bheith ag siocadh leis i gcomhnaí, i gcomhnaí / Is dalbaí an puicéara sagairt é le theacht in a líon beag ná mór. Go bhfoiridh Dia ar an té a chaithfeas a dhul isteach chuige ag iarraidh tada. Chuirfeadh sé an Naomh Peadar thar barr a chéille / Nach hé an "druncaera" dalba é agus gur ól sé 'chuile phighinn amháin de luach na muc shul a d'fhága sé amach an t-aonach. Is maith an fear tighe agus urláir é sin! /

díbirt (díbrighim agus rl.) = Briathar agus Ainm-fhocal (Ainm-bhriathar)
Díbirt = ruaigeadh, a chur ag imeacht, a shagdadh chun bealaigh, a chur gan bhuidheachas as áit, a dhíthsheilbhiú, a chaitheamh amach.

"Sagairt de na Ruaircigh mé, a d'imigh ins na caoirigh strae
Tháinic an ghaoth adtuaidh orm, agus díbrigheadh ó mo mhuintir mé"
[Dhá líne as amhrán nach feasach dom cé'n t-ainm atá air] / Díbrigheadh ó'n mbaile é / Dhíbir an t-athair é féin agus an bhean = chuir sé amach as an teach iad /[Díbreochaidh an sagart duine ar bith a bheas ar meisce, ó'n gcéilidhe]/ Tá an tsean-bhean seo thiar díbrighthe aríst ag bean an mhic = ruaigthe as an teach / Dhíbir sé dá chuid talmh-ana lucht an bháire /[Is deacair an slaghdán céadna a dhíbirt ó a ghabhfas sé in do chrioslaigh aon-uair amháin]/ Bhí mé ag ól fuisce ag ceapadh go gcoinneochainn an "fliú" díbrighthe, ach mo chreach mhaidne ghéar, bhí sé fánach agam / Níl an poitín díbrighthe as an tír fós agus an téagar seo féin a bheith le fáil / Dhíbir an madadh na caoirigh siar amach / Mara bhféadaidh mise a ndíbirt anois le deagh-chaint is lib go maidin iad / Shílfeá go bhfuil an tae do do dhíbirt. 'Ar ndú' bail ó Dhia ort ní nuaidheacht ar bith agadsa tae, ní hé a fhearacht sin ag daoine eile é. [Leig do scíth go fóilleach. Beidh tú sáthach luath ins an mbaile]/ Dhíbir sé an cailín aríst /[Tá an sagart ag díbirt daoine de'n bhóthar 'chuile oíche]/ Céard a dhíbir an t-iasc de'n chuan. Smál eicínt is dóigh /[Tá na daoine díbrighthe aige de na bóithre le faitíos roimh a mhótar]/ Déanfaidh sé siúd díbirt ach a dteighidh sé suas. Ní fhágfaidh sé duine faoi chaolachaí an tighe / Rinneadh díbirt as an áit sin. Deir siad nachar fágadh Críostuidhe an bhéil bheo ar an dúithche sin nachar díbrigheadh / Shílfeá go raibh na póilíos ag brath ar díbirt a dhéanamh th'éis an aonaigh. Bhí an-sceaimhínteacht achrainn anonn agus anall ann /[Rinne sé díbirt aríst indiu ar lucht na h-imeartha. Dheamhan blas de'n cheart nach bhfuil aige leo. Níl áit ar bith dhá sású ach i lár an bhealaigh / Cuirfidh mé díbirt ar a bhfuil agaibh ann má chloisim druid eile uaib. Breagh nach mbeadh sib ar an gceird seo ins an mbaile agaibh féin. Ní bheadh, arae ní éistfí lib / Cuir díbirt ar na cearca sin siar amach agus ná déanaidís cis ar easair de na cupla súileog céad-fhogh-mhair sin th'éis ar n-anró.]/ Céard a chuir díbirt ar na fámuirí agus ar

na Gaedhilgeoirí ach an droch-cháil sin a chuaidh amach de'n áit, tá cupla bliain ó shoin. Dheamhan aithne ar dhochtúirí nach raibh 'chuile dhuine ins an dá pharáiste ag dul ar na maidí de ghort an gharta /['Sé an sneachta seo anois a chuirfeas díbirt ar an bhfuacht agus ar an ngaimh atá insan uair, ach níl aon-mhaith ann mara gcuiridh sé scráib mhaith dhó (: dhe) / Chuir an sagart díbirt orra as an bparáiste ar fad. Má chuir féin is aige a bhí an ceart. Níor dhream ar bith a bhí ionnta i gceartlár daoine gnaoidheamhail]/ Dhíbir sé soir thar teorainn na caoirigh / Ba bheag an díbirt a d'iarr siad. Is ionann agus gur imigh siad dhá dtoildeona féin. Tá siad an-fhaiteach de'n tsaoghal / Dhíbir an t-athair as amach é = as seilbh an tighe agus na talmhana / Ní chomhnóchaidh siad go ndíbrighidh siad as amach é = siopadóir nua ag tosuighe ag díolachán in áit agus na siopadóirí eile in a aghaidh / Díbir rómhat siar an t-asal sin pé'rbith cá'id atá tú ag dul / Dhíbir sé abhaile í th'éis cupla lá ach dheamhan leath an chirt a rinne sé léithe, dheamhan é sineacht (: sin) / Chaith siad sin a saoghal ag cur díbirt' agus fáin ar dhaoine bochta, agus tá na préacháin ag déanamh neadracha ins na simléir aca féin anois. Má's feall fillfear /

Díbeartha — (Aidiacht) = righte, sceirdeamhail, ar bhinn-tséideadh gaoithe, báistighe agus droch-shíne, ag fuagairt droch-shíne; garbh, fuar, crotalach, feidheartha, gan fascadh ná dídean. [Druim díbeartha cf. druim]

Cé'n fáth a dtiubharfá a leithide sin de thabhairt ort féin a leithide de lá. Má's dona annseo é tá an bóthar amach díbeartha ar fad. Níl claidhe ná fál leis, ná fascadh ná dídean air, ach lorg cois na bó ar an gcneagaire / Dhá dheannachtaighe dá dtiocfaidh an lá, bíonn fascadh eicínt ar na bóithrí seo, ach tá na bóithrí siar an-díbeartha críochnuighthe. Ní bheadh a fhios agad dhá dteightheá ar "bhicycle" ins an oíche ann nach amach indiaidh do mhullaigh i bhfiodán a chuirfí tú. Fuair mise mo dhóthain díob /[An bóthar L., bóthar an-díbeartha é. Tháinic oíche shneachta orm cheana idir M. agus an áit seo, agus shíl mé nach srianfainn anuas go deo é. Bhí an bóthar plúchta, agus gan a fhios agam cé'n nóiméad a gcaithfí ar mo bhéal agus ar m'fhiacla soir le fánaidh ins na lag-phuill domhainne siúd mé. Is mise a bhí buidheach ach ar rug mé anuas ar na fálta ag tigh Ph. Ch.]/ Tá an áit siúd a bhfuil sé cho righte, cho díbeartha le tamhnóig i lár an tsléibhe. Ní fhaca mé aon-áit go h-iomaidh is mó a fhuagruigheas gála ná é. Bhí mé thuas ann oíche ar cuairt anuiridh, agus shílfeá go raibh an teach dhá thógáil dhá lúdracha

leis an gcaoi a raibh an ceann ag sníomh agus ag gioscán / Is díbeartha an áit a bhfuil sé ag cur a inghine: isteach ar an mbainseoigín luachra sin idir dhá chíocra, agus nach síon dá séidfidh nach mbainfidh cleite aisti (: fuadóchaidh sí an teach uirre) /[Ná bac le fascadh. Níl fascadh annsiúd ar ghaoith ar bith. Nach bhfuil sé i mbéal an ghairbhshin. Áit díbeartha críochnuighthe é. / Mo choinsias 's dar m'anam, bainfidh an ghaothtalach seo gíoscán as na creatlaigh aige indiu, ná ag fear ar bith eile atá ag déanamh an bhóthair sin. 'Sé leiceann ó thuaidh Ch. Bh. an giodán is díbeartha in Éirinn. Níl aon-tsíon dhá séideann aníos ó mhullach an domhain nach n-aimsigheann é]/ Cladach díbeartha é. Tá sé ar aghaidh na righteachta ceart. Badh é do chloch neart seasamh ann lá geimhridh. D'fhuadóchadh an sinneán de do bhonnaidheachaí thú. Dheamhan thairis sin de ghaisce insan samhradh féin é /[Is dona na gnatha a bheadh ort a dhul do do chailleadh féin suas an bealach díbeartha sin leithide an lae indiu. Dhá mbeadh an bóthar faoi do chois, níor chás duit é, ach ag caruidheacht le réidh-chasáin nach siubhalfeadh na gabhair. Ní leithne an t-aer ná an timpiste a mhic ó. Is fánach an chaoi a mbainfí leagan asad, agus thú a chur go dtí do dhá shúil igcaochpholl. Tá do dhóthain breithe agad a dhul annsin. Is iomdha lá breagh a thiocf -as as seo go dtí lá Bealtaine seo chugainn]/ Is doiligh díbeartha an t-aistir é ag aon-Chríostuidhe beo indiu. Ach dheamhan a dhath drugail aige siúd roimhe. Tá an chleachtadh mhór aige air. Chonnaic mise é sin ag imeacht oícheanntaí as seo le dhul abhaile, agus dheamhan a dtiocfá cho fada le ceann an sconnsa sin dá mbeadh do chailleadh go deo leis. Ní bheadh aon-mhaith é a bhacadh in a dheidh sin. Bhuailfeadh sé a dhá shéirín taobh thíos dhá dhá ghlúin, agus dá mbadh í an oíche í ar ith Ceile na bradáin ghreadfadh leis abhaile /[Is ridire caorach é, ach tá sé cínnte dubh agus dubh air aon-bhean a fháil in a dheidh sin. Níl aon-tsaint ag bean ar bith a dhul amach ar thamnóig cho h-aistreánnach, cho díbeartha leis an áit siúd. Cé'n brigh dhá mbeadh cupla teach ann, ach níl teach ná árus níos goire dhó ná F., agus tá sin cheithre mhíle uaidh, má tá sé taobh leis. Cá'il an bhean a bhuail-feadh faoi áit de'n tsórt sin. Bhí an saoghal ann agus dhéanfadh, ach ní anois é]/ Tá an teach thiar ag gob na locha faoi aill. Tá lúibinn bheag isteach ann agus é le h-ais na lúibinne. Níl tada timcheall air ach eascaidheachaí agus cíocraí agus scrath-ghlugair, agus seisceallach ann a dtiocfá go h-ascallaí innte. An uair a bhíos stolladh ar bith ann, diabhal mé go mbíonn an loch cho coipthe agus a bhíos an fhairrge sin thíos. Áit díbeartha ceart é, ach mhairfeá in a dheidh sin ann, dhá mbeadh fuighleach airgid agad /

dlisteanach = aidiacht; mí-dhlisteanach = aidiacht [Fuaim: g tosaigh in áit d]
Dlisteanach = ceart, cóir, cuibhe, dílis, dlighmhear, reachtamhail, cneasta
Mí-dhlisteanach = cotarsna "dlisteanach"; mí-cheart, eagcórach, mí-cuibhe, neamh-dhlighmhear, mailíseach.

Ní col-ceathracha dlisteanacha iad. Leas-chol-ceathracha iad. Nach leas-dearbhráthair agus leas-deirbhshiúr P. agus S. Sin é annsin / Leas-dearbhráthracha é féin agus T. 'Sé S. a dhearbhrathair dlisteanach. Aon-mháthair amháin a bhí aige féin agus ag S. Is furasta a dhul amú ins an ngaol a stór / Sin é a leas-athair. Tá a athair dlisteanach féin ag déanamh creafóige lena cianta. Is beag an rath a bhí chor ar bith air nuair a bhásuigh a athair. Dheamhan mórán len a naoidhneán a bhí sé /[Is deirbhshiúr dhlisteanach dó S. ach níl C. ach in a leas-deirbh-shiúr aige. Fuair an mháthair bás agus í ag oileamhaint an dá leanbh sin. Dar fiadh is fadó ariamh an lá é. Má 'sí an deirbhshiúr is sine, níor cheart di a bheith i bhfad as deich mbliana fichead]/ Sin é anois an gaol dlisteanach atá ann. [Cé'n mhaith a dhul dhá shárú ormsa. Nachar tóigeadh mé ag béal an doruis aca. An bhfuil tú ag ceapadh nach bhfuil a fhios agam céard a bhaineas dóibh!]/ InDomhnach b'fhéidir gur deirbhshiúr -acha dlisteanacha iad, ach shíl mise ariamh nacharbh eadh. Bíodh aca ar aon-chor. Ní mórán a bhuachfas muide orra / Ní mac dlisteanach é sin chor ar bith, ach peata raithnighe a bhí ag P. Mh. Mh. leis an gcailín aimsire. Bean de na B. sin thoir a mháthair. [
Mac dlisteanach = mac nach mac suirghe; mac leis an mbean pósta] /
[Ná bac leis an gcineál sin! Ní raibh mac ná inghean dhlisteanach ag gabhail leo. Dream tuatach a bhí ionnta sin ar 'chuile thaobh / Is diabhaltaí an mheas atá ar chlann suirghe agus gan áird ar bith ar chlann dlisteanach. Tá a chomharthaidheacht len a chois annsin. Ní bhreathnóchadh an bhean sin siar ar na fir is gnaoidheamhla ins an tír, agus phós sí é sin nach raibh ann ach mac suirghe. Sin é an scéal!]/ Mac dlisteanach le Rí agus le Bainrioghan thú a mhic = mac dlisteanach le Rí, ó bhainrioghan thú a mhic = gnáthsheoruidhe cainte i sean-scéalta / Mac dlisteanach le Rí ó bhainrioghan é Mac Rí in Éirinn / "Cé'n sórt athair a bhí agamsa" adeir an buachaill beag. "Mac dlisteanach thú a mhic" adeir an mháthair / 'Sé M. an mac dlisteanach. Mac tabhartanais é an mac eile. [Ach roínn an t-athair an oighridheacht leis in a dheidh sin. Thug sé an oiread dó agus a thug sé dhá mhac dhlisteanach. Aindeoin go ndearna sé an "mistake", bhí sé díreach cneasta]/ Ní inghean dhlisteanach í sin chor ar bith. Bhí sí ins

an seol shul má phós sí. [Duine macánta a bhí ins an bhfear. Bhí sé in a cheann mhaith di ariamh mar bheadh sé dhá inghin féin]/ Labhaireann an diabhlánach sin cho teann agus dhá mbadh mac dlisteanach é … tuige dhá mbadh eadh. Ní h-eadh muis. Sin é anois an chaoi é / [Is cuma dlisteanach nó eile anois iad, má thaithnigheann siad le na fir, pósfaidh siad iad. Ní raibh sé mar sin chor ar bith le mo linn-sa. Is iomdha cor atá ag teacht ins an saoghal]/ Thug mé an t-airgead dlisteanach dó agus ní bhfuair sé cianóig thairis. Nach mé a bheadh simplí ag dul ag tabhairt rud dó nach raibh ag dul dó [an t-airgead dlisteanach = díreach, ceart, dlighmhear; an t-airgead a bhí ag dul dó, a bhí amuigh aige orm, nó a bhí dlighte dhó] / Mara bhfaghaidh mise mo chuid dlisteanach féin bainfidh mé caint amach. Leabharsa tiubharfaidh mé isteach agus imiainis (: i bhfiadh -nuis) an bhréitheamh é agus sin é an buachaill a chuirfeas faoi ndeara dhó cur dhó (: dhe) /[Ní raibh mé ag iarraidh sop de'n fheamuinn ach mo chion dlisteanach féin, agus ní thiubharfainn cead d'aonduine mé a chur as sin. Ba bheag an baoghal / Ní fiacha cama iad chor ar bith ach fiacha dlisteanacha, agus d'orduigh Dia na fiacha dlisteanacha a íoc. Maran buil leat a n-íoc, cuirfidh mise ins an gcruth thú go n-íocfaidh tú iad. Tá fiaidnisí (: fiadhnuise) agamsa]/ Tá tusa ag rádh gur cogadh dlisteanach ag Sasana é, ach feicthear dhomsa — agus 'sé mo scil ann é, arsa tusa — nach bhfuil rud ar bith dlisteanach ná mí-dhlisteanach i gcogadh, ach an té is láidre ag crapadh leis a bhfeadfaidh sé. An té is fhearr dorna (: dorn) 'sé is fhearr corna (corn) de'n fheoil, mar adeir an fear fadó / Má's airgead dlisteanach é, tá cead aige a rogha rud a dhéanamh leis, ach má's airg-ead mailíseach é, b'fhearr dhó báithte ins an bpoll is doimhne ins an bhfairrge é. Agróchaidh Dia ar fhear na mailíse é luath nó mall /[M'anam bí siúráilte hébrí (: pé'rbith) cá bhfuair an "straip" sin é, nach airgead dlisteanach é. Fuair tú amach an ceann a mbeadh airgead dlisteanach aice. Sean-strúinse (: stróinse) eicínt a rubáil sí]/ Má fuair sé go dlisteanach é, mise i mbannaí gur beag an chaidéis a chuirfeas na póilíos air faoi. Ach mara bhfuair, gheobhaidh sé garbh é / Níl sé dlisteanach dó a dhul i mbéal an dearbhráthra faoi'n talamh sin. 'Sé an dearbhráthair a shaothruigh an talamh agus an teach sin ariamh, agus marach a bhfuair sé dhá easonóir, is beag an smais a bheadh ar an áit sin indiu / Níl sé dlisteanach ag fear ar bith deirbhshiúr a mhná a

phósadh. Má's cúrsaí de'n tsórt sin é nach bhféadfadh duine a dheirbhshiúr féin a phósadh / Níl sé dlisteanach ag duine ar bith a dhul ag tógáil cuid na comharsan, ach ní miste ins an míádh le cuid de na daoine é ach an rud a fhuadach, má fhaghann siad fáill air /[Ní bheadh sé cóir ná dlis -teanach aige a dhul ag pósadh na mná sin th'éis an cailín beag eile a chur amú leis an fhad seo blianta. Nach bhfuil a fhios ag feara Fáil nach bhféadfadh ádh ná amhantar a bheith ar an bhfear sin. Cuímnigh go bhfuil mise dhá rádh leat …]/ Is iomdha rud nach bhfuil dlisteanach ag sagairt, a ghníos siad. Mar adeir an ceann eile, "Bíonn a sompla agus a dteagasc seacht n-acraí ó chéile" /[Níl sé cóir ná dlisteanach ag duine má bhíonn sé ag imirt chártaí aon-mhailís a dhéanamh. Má's leat a dhul ag cearrbhachas bí cneasta. Sin í mo chomhairle-sa dhuit]/ Dhá mbeadh an rud sin cóir ná dlisteanach, is beag beag an baoghal go mbeithí dhá chur i dteannta mar sin faoi. Tá sé in ndroch-arán anois deirimse leat, ach mara raibh aon-láimh aige ann is furasta dhó é féin a shaor-adh. Ní chreidimse go gcrochtar aon-duine ins an éagcóir /

Shíl siad mo chuid talmhana a bhaint díom go mí-dhlisteanach. Dar fiadh rachadh leo freisin, marach cho h-éascaidh agus a thapuigh mé an scéal. D'imreochaidís sin ar Rí na Méaracán / Is mí-dhlisteanach an cheird atá uirre, má's mar sin atá sí. Is deacair di an t-ádh a bheith uirre, ní dhá roint léithe é. Níl mailís ar bith adeir siad is mó ná mailís an mheadhchain /[Má d'eirigh an talamh agus an t-airgead cho mí-dhlisteanach sin leo, tiocfaidh leaghadh chubhar na h-abhann air. An rud a faightear go dona imigheann sé go dona. Tá siad ag imeacht go h-aerach agus go h-éadálach anois, ach b'fhéidir gur maith maoilscríobach a d'fheicfí fós iad — an té a mhairfeas]/ Deirimse leatsa gur deacair do shiopadóir gan airgead mí-dhlisteanach a bheith aige. Bhí mise mé féin scathamh leis an obair sin, agus níl cor ná casadh ínnte nach bhfuil a fhios agam. Is duine sé nó seachráin aca atá cneasta / 'Séard adeir sean-T. fadó: "Mair cho maith agus a fhéadfas tú, ach ná bí mí-dhlisteanach. Má bhíonn, thú fhéin a bhéas siar leis ins an deireadh" /['Ar ndú' is iomdha rud a bhíos mí-dhlisteanach agus gan fios ag duine chor ar bith air. Ach ní miste dhó. Má bhíonn coinsias duine glan, tá leis]/ Nach raibh sé mí-dhlisteanach aige a dhul ag iarraidh an oiread sin a bhaint daoib. Nach raibh sé cho maith aige a láimh a chur síos in 'u' (: bhur) bpóca, agus an t-airgead a ghoid, le dhul ag déanamh a leithide sin de chleas /

Dlisteanas = Ainm-fhocal, fireann [Fuaim g tosuigh in áit d]
Dlisteanas = ceart, cóir, cuibhe, cneastacht, a bheith dlisteanach

Ní de'n dhlisteanas a dhul ag baint cheithre phunt amach ar péire bróg ar aon-chor, ach cneamhairí uiliog atá amuigh anois chreidim. 'Sé a chosamhlacht é ar chuma ar bith / Níl breathnú siar ar bith aca siúd ar dhlisteanas an rud. 'Sé a gcuímnigheann siad air, a bhféadfaidh siad a dhéanamh, nó an mbacfar iad / Go dtugaidh Dia ciall duit! Tá caint ag muintir Shasana ar 'chuile shórt ach ar dhlisteanas. Sin é an chloch is fuide siar ar a bpáidrín ar aon-nós. Bí siúráilte dhó (: dhe) /

daigéad: Ainm-fhocal, fireann, iolraidh agus geineamhnach uathaidh = daigéid
Daigéad = páin, cnap, daibéad, toirt nó téagar mór, raibéad, gruadhán.

Rug sé ar dhaigéad de chloich le mé a smíochadh. Chuaidh sé cho gar dhom agus a chuaidh an ceol do hAnnraoi, ach thug mé na h-aobha uaidh ar éigin / Leagadh anuas dhá dhaigéad de dhá chloich i miainis (: i bhfiaidhnis) an ghiúistis. ['Siad a chaith an bheirt thiar. Shílfeá nach éadáil mhór ar bith an t-amharc a thug duine aca ar na clocha. Ba mhó dhá fhonn a bhí air déarfá, breith uirre agus a caitheamh aríst. Tháinic scéin ins an ngiúistís]/ Tá sé ag baint daigéid mhóra de "Dates" na laethanta seo. [Diabhal mé go riarfadh 'chuile cheann aca muirín ar fad ar an dinnéar]/ Is áibhéil an daigéad de bhean atá aige. [Dar príosta dhá bhfeictheá an dá chalpa (: colpa) coise atá fúithe! Is geall le dhá storrán crainn iad]/ Cá bhfuair siad an daigéad de chailín siúd. Is cumasach an bhean í bail ó Dhia uirre. / Cé'n sórt daigéad de shagart é sin atá thíos ann anois. [Níl aon-phuínte de'n ló dhá gcasfadh sé leat nach mbíonn sé séidthe, ach 'ar ndú' is beag an dochar dhó sin, agus na griscíní feola atá air]/ Cá'r eirigh an daigéad de bhallach sin leat. [Dar príosta tá béilí maith éisc uirre ar chuma ar bith. Is iongantas go raibh freagairt ar bith ins an bpoll indiu agus cho geal agus atá an lá. Níorbh fhiú liomsa mo shlat a thabhairt síos beag ná mór]/ Tharraing se anuas daigéad mór de leabhar agus d'ionnsuigh air ag léigheamh dom féin aisti. [Níl fhios agamsa beirthe beo ná baistighthe céard a bhí sé a léigheamh aisti. Bad é m'áird air é ar aon-chor!]/ Leag sí anuas daigéad de cháca in a láthair, agus do deimhin agus go dearbhtha duit a mhic Uí Fh., dá n-ithteá ceathramha dhe, bheitheá sáthach go ceann trí lá. Ó [dheamhan an oiread agus a bhuailfeá ar shúil dreoilín a d'fhan d'fhuighleach uaidh. Agus déarfaidh an craosánach sin in a dheidh sin nach bhfuil sé ag caitheamh tada]/

Deasú (: deasuighim agus rl.) = briathar, ainmbhriathar

deasú = (i) caoi a chur ar rud; rud a chur i riocht nó i gcruth maitheasa nó leasa; rud briste a dhéanamh slán (ii) doirtim, teannadh, coinneál, brúghadh, crapadh. (iii) [an t-Ainm-Bhriathar] bail, gléas, riocht, caoi, dóigh, deis, cóir, cruth.

["Deasú", "Deisiú": ní mar a chéile an dá fhocal seo thríd agus thríd ar fud na Gaillimhe. Is ionann "deasú" agus rud a bhíos briste nó a mbíonn marach eicínt air a dhéanamh slán, nó a chur i gcruth imeachta, oibre, leasa nó eile. Níl an chiall atá le "deisiú" cho cruinn sin. Is ionann "deisiú" agus réidhteach nó feistiú nó gléasadh. Dheasochthá an rothar nuair a bheadh rud eicínt briste ann, ach an rothar a dheisiú is ionann é cuirigcás agus dá mbeadh gach uile mhíle ball dhe slán, ach nach mbeadh sé amuigh le fada, agus go mbeadh sé bainte anuas. Len a dheisiú annsin, chuirfeá le chéile aríst é, chuirfeá ola, bealadh agus eile air, ghlanfá é agus rl., ach ní bheadh deasú ar bith ag teastáil uaidh, mar ní bheadh tada briste ann. An uair a bhíos duine ag dul ar aistir é féin a dheisiú a ghníos sé (: é féin a ghléas agus rl.). Dheiseochthá do bhróga le snas a cur orra agus a nglanadh, agus iallacha a chur ionnta, ach ní dheasuighthear iad ach an uair a bhíos siad briste. Sin é an t-idir-dhealú i gcoitinne, ach deir daoine "deisiú" in áit "deasú" scaithtí, agus deirtear "deisiú" in áit "deasú" i gceanntarachaí ar an Achréidh as éadan. Ní abruighthear deasú in áit deisiú (: an chiall réamhráidhte) in áit ar bith]

Dheasuigh sé na bróga aréir. /[Is géar a theastóchadh mo chuid sean-bhalcaisí a dheasú / Níor thug sé deasú ar bith ar an róthar]/ Tá sé ó dheasú anois. Nach shin é tuithte ó 'chéile uiliog é = tá a chuid deasú ar iarraidh anois agus rl. /[Dheasóchadh fear stuama an "Kettle" sin fós, ach níor mhór dhó a bheith stuama agus stuama go maith / Is beag an deasú a d'iarrfadh sé mar chlog an uair a bheadh sé ar fheabhas / Tá sí réidh le deasú anois ó d'imigh an ciseadóir. Sin é an buachaill a dheasóchadh í. Dhéan -fadh sé ciseog nuadh di / Tá do dhorus gan deasú muis, má bhí sé in a chleitheamh-nas siúd. Nach fearr mé féin seacht n-uaire ná é sin / Beidh do chuinneog gan deasú muis, má's leat a bheith ag forcabhás air siúd. Tá gealladh maith ag an leiciméara sin, ach droch-choimhlíonadh]/ Shílfeá má d'íoc tú é, go dtiubharfadh sé deasú thairis sin air. Ní bheidh an coiléar sin dhá lá choidhchin uirre go mbeidh an bhail chéadna aríst air / Tá an simléar le deasú aríst. Tá sé ag puthaighil as éadan / Is fhearr go mór an deasú a thugas T. Sh. Sh. ar thubáin agus ar chíléir ná an C. Ar scáth cupla scilling, níorbh fhiú dhuit a bheith do do mhearú féin leis an ngobán sin thuas /

[Má theighim ar dheasú na mbróg, ní chomhnóchaidh mé aríst go ceann seachtaine, ach leo. Tá an teach druidthe le bróga éalannacha / Ní dheasóchadh sé poll a bheadh ar a threabhsar, ní áirighim "engine mótair" a dheasú / Cá'il fear dheasuighthe na mbróg / Ní mór an tlú sin a thabhairt ag an ngabha, nó ag fear deasuighthe eicínt go dtathuighthear an dá bhrionglán / Deir siad go bhfuil lucht dheasuighthe túirní in áit eicínt inGaillimh anois. Tá sean-túirne againne agus tá muid ag brath ar a dheasú aríst / Dheasóchadh sé a bhfuil de shean-chléibh in Éirinn ach sail a choinneál leis / Is gearr go dteastuighidh deasú ó'n mballa sin. Tá sé ag scáineadh. / Ag deasú sconnsaí soir annsin atá sé / Is olc an aimsir í ag deasú bóthair / Níor deasuigheadh an bóthar sin le mo chuímne / An bhfuil aon-rath ort ag deasú eangaighe? Tá sí le cur le súain agus na mogail le greamú]/ Cé'n chruadhóig deasuighthe atá air. Bainfidh sé scathamh eile amach mar tá sé / Is deasuighthe atá sé anois ná an chéad-uair = is fhearr an deasú atá air ná an chéad-uair / Níor mhór na cocaí sin a dheasú suas beagán nó ólfaidh siad an bháisteach = a sceacháil suas; deis a chur orra / Deasuigh suas an tuighe sin amuigh nó déanfaidh asail cis ar easair di /[Tá sé ag deasú an urláir. Shílfeá go mb'fhearr dó an t-urlár siúd a chaitheamh amach uiliog agus urlár nuadh glan a chur isteach. Bhí an t-urlár siúd ann le línn na n-aithreachaí]/ Deasuigh anuas ag an teine = doirt, teann, brugh anuas / Dheasuigh sé isteach liom, agus shílfeá gur mó dhá fhonn a bhí air mé a bhualadh / Deasuigh isteach léithe a fhleasca(igh)! Bí ag baint corr-scealpóig as na calpaí (: colpaí) aice. Is beag a aireochas sí é, bail ó Dhia uirre /[Is maith gasta a dheasóchadh an grabairín sin isteach le cailín óg deirim -se leat. Bíodh mná ar a son féin air sin]/ Deasuigh amach uaim a bhleitheach mhóir, nó an rún atá agad suidhe orm uiliog / Deasuigh anuas agus déan do ghoradh. Ní hí oíche an doruis dúinte í (: ní oíche í le suidhe ag an dorus dúinte) / Deasuigh i leith go bhfeicidh mé cé'n sórt meall é sin ar do leiceann. Níl aon-deagh-chosamhlacht air /[Is maith gasta a dheasóchadh sé isteach le pionta pórtair dá leagtaí in a mhiainis (: fhiadnuis) é, agus ní gasta ná a dheasóchadh sé suas le cúilfhionn mná]/ Deasuigidh isteach 'u' (: bhur) gcosa. Caithfidh mé greallach theine a chur síos / Deasuigh uaim do láimh. Tá sí ag dul i bhfoghail = cailín óg le buachaill / Dheasuigh sé isteach ar cholbh an bhóthair, agus dheamhan mórán nach dtáinic an "lorry" salach air in a dheidh sin / Deasuigheadh muid isteach ar an bhfascadh. Phréachfadh an áit seo na fiadhannaí / Chuala mé go raibh tú ag brath ar deasú isteach leis an ascaill ag inghin Sh. Ph. Ch. Ab shin í an fhírinne … Huga leat anois / Tá sé le deasú anuas in aice an bhóthair go goirid. Teach nuadh atá sé le dhéanamh / Deasuigidh síos an chuinneoig sin i ngar do'n teine nó ní

théachtfaidh sé choidhchin ar an aimsir seo /[Deasuigh isteach leis an teine. Is ceart duit fuacht shéin a bheith ort agus thú amuigh faoi'n sneachta ó mhaidin.]/ Deasuigh suas agus tabhair bínn de'n stól dom = brúgh / Deasuigh suas ins an leabaidh. An rún atá agad mise a chur ar an talamh? / Deasuigh isteach faoi'n bpearasól. Cumhdóchaidh sé ó'n mbáistigh thú / Céad slán do'n tsaoghal a ndeasóchthá isteach faoi'n seál ag cailín óg! Dheamhan seál anois a d'fheicfeá ar aon-bhean óg dhá gcuirtheá slat ar an tír /[Ní dheasóchadh sé isteach ins an "sate" (: seat) le áit a thabhairt d'aon-duine eile dá mbeadh do chailleadh go deo leis. Bhí sé in aon-ghillín amháin annsiúd agus sean-mhná dhá dtreascairt faoi agus thairis, agus ní chorróchadh sé. Tháinic "conductor" an bhus faoi dheireadh agus chuir sé faoi ndeara dhó deasú isteach, agus deifir air]/ Chuaidh mé ar mo ghlúine ag ceann an "desk", agus th'éis go raibh fuighleach áit' ann, dheamhan duine dhá raibh istigh ann a dheasóchadh isteach a dhath. Ní raibh an oiread sin de shoilgheas ionnta / Dheasuigh mé isteach leis an gcarr ins an tsáinn siúd go leiginn an lorry tharm /[Dheasuigh muid isteach indorus siopa nó go raibh an ráig thart]/ Deasuigh thart! Deasuigh thart adeirim.
Is deacair dhom thú a bhleaghan mar seo = bean le bó / Deasuigh an chuilt seo timcheall ort. Coinneochaidh sí te thú /[An uair a dheasuigh mé na pluideannaí go maith thart timcheall orm ins an leabaidh, dheamhan a dhath fuaicht a d'airigh mé níos mó / Diabhal fuacht a bheadh ort ar an "jaunt" siúd, dá ndeasuightheá an "rug" thart faoi do chosa / Deasuigidh na cótaí móra timcheall oraibh go maith. D'fheannfadh an bóthar siúd na príacháin (: préacháin)]/ Deasuigh ort go maith. Tá an oíche cruadh = cuir ort neart éadaigh / Dhá ndeasuigheadh sí go maith isteach faoi'n a seál í, ní bhrathfadh aonduine í, ach ar an gcaoi a raibh sí aice, níl aon-duine ins an tír nach dtiubharfadh an toirt faoi deara / Dheasuigh sé suas faoi'n a ascaill é agus ghread leis /[Deasuigheadh sí isteach go maith faoi'n a seál é, agus cé'n chall ímní atá di faoi. Póilí ar bith a thiubharfas faoi deara é cá bhfios dó nach buidéal ola é]/ Sin é an deasú air! = sin é an gléas, an bhail, an chaoi le cur air; Tá an rud sin sáthach maith aige anois; sin é a theastuigh uaidh / Cumadh lán a bhuilg de bhréaga dhó annseo anocht. Bailigheadh leis anois! Sin é an deasú air! / Ag dul ins na fir mhóra a mhic ó!
Níl meas ar bith aige ar mhná fánacha. Agus h-eitigheadh é faoi inghin Ph. L. Tuilleadh diabhail anois aige! Sin é an deasú air! /[Níor thug tú mórán sásaimh dhó. Ach sin é an riocht le cur air. Ro-mhaith a bhí sé aige. Sin é an deasú anois air! / Saghd na madraí suas an bóithrín ann. Bainighidh siubhal as! Tugaighidh gaoth bhuird suas dó. Sin é an deasú anois ar an asal sin!]/ Tá na Sasanaigh

caithte amach aríst druim ar ais as an nGearmáin. Rath a gceirde anois orra! Sin é an deasú orra! B'fhéidir nach mbeadh a leath-oiread gaisce aca aríst go ceann scathamh / Shíl an madadh an greim a aimsiú as béal an chuit, ach deirimse leat gur gearr gur scaoil sé uaidh aríst é, 'nuair a chuir an cut crúca ann. Sin é an deasú anois air! [Tá sé ro-amplúdhach ar fad]/ Gearr an dris fhireann sin. Is olc an éadáil ag cosa í sin — is olc sin! Sin é anois an deasú uirre! Ní stróicfidh sí aon-duine níos mó / Tá sí i bhfastós faoi dheireadh thiar thall, th'éis mé bheith creachta aice i gcaitheamh na bliana. Mo ghrádh thú a thrapa. Ba mhaith ab fhiú coróin thú! Ghiorruigh tú leis an gcailín seo ar chaoi ar bith. Sin é an deasú anois uirre! [Francach gabhtha i dtrapa] / Sin é an deasú anois ar an mbroththuinn sin! Rath na raithnighe orra! Rinne siad créatúlacht iad fhéin ar an tír, ach b'fhéidir go dtiocfadh sé ar ais ar a méis féin anois aca! /[Sin é an deasú ar na h-amhuis sin! Míle buidh-eachas le Dia go dtáinic sé ins an saoghal go raibh duine eicínt indon ceart a bhaint díob. B'fhéidir nach mbeadh an oiread bollaireacht' aca feasta agus a bhíodh]/

Deasúchán: Ainm-Bhriathar, Ainm-Fhocal.
deasúchan: deasú i gcoitinne, fearacht díolachán, itheachán agus rl. = ag cur caoi ar rudaí d'aon-cheird; ag cur rudaí i riocht maitheasa, leasa nó oibre [ní bhíonn aon-chiall eile de'n fhocal i gceist le "deasúchán".]

Ní dhéanann sé bróig ar bith anois. Ag deasúchán a bhíos sé i gcomhnaí. Is cosamhail gur mó an brabach atá ar an deasúchán ná ar bhróga a dhéanamh as an nua /[Chaith mé an t-áirneán anuiridh as béal a chéile ag deasúchán. Dheamhan bróig ar na cheithre bhaile nach mé a chuir tosuigh orra. Dar príosta ní dhéanfaidh mé cleas na bliana anuiridh i mbliana. Fáiscfidh mé amach ar cuairt 'chuile oíche beo. Teighidís féin agus a gcuid buataisí i gCurrach Sheáin Uí Fhínneadha! Is suarach an prae dhomsa a bheith ag caibiléaracht ar shean-bhróga, agus gan a fhios agam cá'il mo luach saothair]/ Ní bhuailfidh sé aon-ghráinne coirce an tseachtain seo anois. Má tá an "t-engine" briste, ní f'lár seachtain go maith a fhágáil ag an deasúchán. 'Sé díol an mhíádha a leithidí sin a dheasú, má bhuailtear suas iad / Chaith mé an lá ag deasúchán agus níl an deasúchan déanta fós. Tá mé ag ceapadh gan bhréig gan mhagadh go raibh an sean-"tiúb" tollta i míle áit, má bhí sí taobh leis. Tá sí faoi thaoibhíní as éadan anois. Níl orlach bacaird slán innte! /

dallarán: Ainm-fhocal, fireann, geineamhnach uathaidh agus uimhir iolraidh = dallaráin
[Fuaim = dalluráin (a tosuigh mar "ea" i "bhfead")]
Dallarán = (i) duine caoch nó leath-chaoch (gnó bheag agus gnó mhór) (ii) cluasánach, bobar -ún, duine dall ag tógáil ruda; duine gan mheabhair gan éirim; "dunce", "blockhead".
[Is beag atá chiall a (i) anois faoi Chois Fhairrge ná faoi Chonamara. Ciall a (ii) atá ann]

Tá sé in a dhallarán chríochnuighthe. Is fadó an lá a bhí aige a bheith ag fáil pinsean na daille. Is iomdha duine nach bhfuil leath cho dona leis atá dhá fháil ó'n gcéad lá / Tá an duine bocht in a dhallarán. Ní léar dhó an bhán-shoillse — tada leis / Bím in mo dhallarán d'fhuireasbhaidh mo chuid spéacláirí. An gcreidfeá mé nach léar dhom leitir ar an bpáipéar sin anois /[Is mór a chaill mé an t-amharc le goirid. Is gearr go mbeidh mé in mo dhallarán. Táim cheana. Agus bliain go h-am seo d'fheicfinn an cró i snáthaid bheag le snáth a chur innte. Feacha sin anois / Níor fhan spré ar bith in mo shúile-sa ó a thosuigh siad ag déanamh uisce. Dheamhan spré muise. Tá mé in mo dhallarán]/ Dhá dtugthá saidhbhreas Sheoirse dhom, ní dhéanfainn mo bhealach anois ó'n mbóthar go dtí an teach, mara mbeinn ag sméaracht le claidhe. Níl cailleadh ar bith ins an ló orm, ach is dallarán mé de shiubhal oíche / Cé'n chall faitís atá dhuit. Ní fheicfeadh an dallarán siúd thú, dhá mbeadh do shrón in a bhéal. Dheamhan feiceál muis /[Ní fhaca mé aon-dallarán ariamh ba mhó ná é ag dul chuig an scoil. Sháruigheadh sé an máistir ceart. "An bhfeiceann tú an ghruaig sin" adeireadh sé. "Ní raibh oiread agus ribe liath innte nó gur casadh thusa in mo líon"]/ Marbhuigheadh é le'r buaileadh air ag an scoil, ach b'aon-mhaith amháin é in a dheidh sin. Dallarán gan mheabhair gan éirim a bhí ann. Níorbh fhéidir focal a chur isteach in a chloigeann /[Is diadhachta dhóib sin a bheith go maith agus na dallaráin de dhearbhráthracha a bhí aca. Tá mé ag ceapadh nachar thriomuigh a súile ó'n lá ar sheas siad ag an scoil go dtí an lá ar fhága siad aríst í, ach ag geonaighil chaoineacháin ar an bhfad sin. Ní raibh aon-pheacadh faoi'n domhan ach a mbualadh chor ar bith, arae ní raibh aon-neart aca air: ní raibh sé de mheabhair ionnta tada a thógáil]/ Nach h-é an dallarán ceart é má tá 'chuile dhailtíneach indon imeartas mar sin air. Dheamhan splanc chéille a thiocfas go deo dhó. Tá sé réidh léithe / Is dallarán ceart é muis má chinn air an cheist sin a fhuascailt. Nach bhfuasclóchainn fhéin í sin, má's mé is measa ar bith. Eirigheadh sé as a chuid scoile anois — eirigheadh sin /[Ní bheadh lá maitheasa dhuit ag caint faoi rud{aí} mar sin le muintir na tíre seo. Dallaráin chearta iad. Éistfidh siad leat, beidh siad dhá leigean isteach i gcluais, agus amach ins an gcluais eile. Sin é an cha{oi} a bhfuil siad]/

dólom — aidiacht [Fuaim dó-lúm]
dólom = lom, bocht, falamh, feidheartha, gan bonn bán, lom scamhartha.

Tá an duine bocht dólom gan faice aige / Tá siad bocht dólom anois le na cianta, aindeoin go bhfuil sé ráidhte go raibh fuigheall ná bhfuigheall aca roimhe seo. Sin é an chaoi: thíos seal agus thuas seal /[Tá sé cho dólom indiu agus atá mise th'éis a liachtaí airgead a chuaidh thrín a lámha ariamh. Ba dona é faoi freisin. Ach deir siad gur mairg a bheadh go h-olc agus go bocht in a dhiaidh / Cé bhfuigeadh sí sin céad punt spré dá h-inghin agus í dólom. Tá sí cho bocht le nímé cé hé]/ Ara beannacht Dé dhuit tá an áit sin dólom ar fad. Níl slí ná faghaltas ann. Cé'n chaoi a mbeadh agus cho maoilscreamhach agus atá an druim siúd soir ar chúla na dtighthe Níl cion píosa talmhan' ar a fhuaid, ach leac ar fad. Sin é an méid / [Bíodh unsa céille agad. Ar ndú níl slí do choise de thalamh istigh ar do bhaile, agus an méid sin féin dólom. An dtiubharfá talamh ar na breaclacaí siúd taobh thiar. Ní thiubharfainnse ar chaoi ar bith]/ Ní fhaca mé aon-fhear ariamh ag pléidh leis an gceird chéadna nach dólom a bheadh sé as a dheireadh. Breathnuigh thú féin orra, agus bréagnuigh mé má fhéadann tú. Gabhfaidh sé righte leat / Níl sé cho dólom críoch-nuighthe agus atá an dearbhráthair, ach dheamhan mórán le reic aige ach an oiread. Agus tá lán púirín na h-átha de mhuirín ar an duine bocht /

Daibéad = Ainm-fhocal, fireann, iolraidh agus geineamhnach uathaidh = daibéid
daibéad = daigéad, daba mór, dóid, dairt mhór, scrath mhór, fóid-eog nó spreab mhór. [Is iondamhail gur rud bog a bhíos igceist agus nach cloch ná a leithide]

Is diabhaltaí na daibéid a bhain sé annseo. Cé l'aghaidh a raibh siad aige? / Fuair mé daibéad de scraith aniar ar an gcúl agus fhobair gur bhain sí an mhothú asam. M'anam gur bhain faoi láthair /[Níl sé sásta mar mbeidh 'chuile spreab de'n fhóidín baic in a dhaibéid mhóra millteacha aige. Chinn -feadh air fóide deasa slachtara a ionntú. Is cuma leis ins an tubaiste é ach é a bheith casta]/ Is áidhbhéil na daibéid atá sé a bhaint. Cé'n chaoi a bhféadann sé fóide mar siúd a mhúnláil. Ní bheadh aon-ghoir agamsa a dhéanamh. Gheobhaidh sí rud le déanamh agus triomú, ar chaoi ar bith / Ní mhionuigheann sé an fód ar na fataí chor ar bith, ach a fhágáil in a dhaibéid mhóra liopastacha. Dheamhan das a thiocfas thrídh talamh go bráth ann. Baoghal orra muis / Is dalba an daibéad de bhean atá aige d'fhear cho h-éidtreorach leis. Dhá dtosuigheadh sí siúd ag broimseálacht, bhí sé fánach aige aon-cheart a bhaint di /

diomdha: ainm-fhocal, fireann.

[Fuaim — "diomú". "diomu" go h-annamh. Fágaim an leitriú seo ar an bhfocal seo arae má tá indán agus go bhfuil na focla "diombuadh", "diombáidh", "diombuidhe" i gceist, tá siad tuithte le chéile ins an gcaint anois, agus níl ann ach an t-aon-fhocal amháin seo. Is amhlaidh leis an aidiacht é freisin — diomdhach (: diomúch)]

diomdha = aithmhéala, caitheamh indiaidh; brón; mí-bhuidheach, díth-bhuidheach; do-mheanmna as ucht rud eicínt a rinne tú, nó as ucht rud eicínt nach ndearna tú, agus ba cheart duit a dhéanamh; cantal, buaidhreadh intinne, leimhe, duibhthean, lionndubh.

"Diomdha Rí na h-Aoine do'n té a thóigfeadh mo ghrádh uaidhm (: uaim);
Nach bhféadfainn a dhul dá féachaint aon-oíche Dhomhnaigh ná go moch Dé Luain".

[Diomdha Rí na h-Aoine = Diomdha Dé = ná raibh Dia buidheach dó! = Go n-agruighidh Dia air é!] / Diomdha Rí na h-Aoine dhó le cleas a dhéanamh! / Diomdha an Rí dhuit nachar fhan mar a bhí tú, agus gan a dhul ag brughadh anuas annseo orainn, agus muid sáthach cumhang mar a bhí muid, d'fhuireasbhaidh do dhá sprionglán (: brionglán)-sa a sháthadh treasna an teallaigh /[Diomdha Dé dhuit nach dtarraingeann anuas scéal eicínt eile, agus gan an rud sin a choinneál seaduighthe i gcaitheamh na h-oíche. Ní maith scéal ar bith é a leanacht ro-fhada / Diomdha Mhic Dé dhi, marab uirre atá an t-uabhar. Is deacair a cuibhriú anois, ó fuair sí blas an gharrdha sin chor ar bith]/ Diomdha Dé dhó nach bhfanann as. Nach bhfuil a fhios aige gurb shin í an bhail a ghabhfas air, 'chuile uair dá dtaobhóchaidh sé an áit sin / Mo dhiomdha dhuit le caint a bheith ort! Agróchaidh Dia ort a bheith ar an ngráiscínteacht sin i gcomhnaí. Is mór an uais thú! /[Mo dhiomdha do Mh. Ph. Mh., nach dtáinic len a scéal féin ná le scéal aonduine eile, ó a chuir mé fios ar na bróga leis. Siúd é teachtaire an fhiadha ó'n Áirc ar chaoi ar bith / Mo diomdha dhó sin thar dhuine ar bith. 'Sé an duine is luaghar (: lughar) liom in Éirinn é, ag tarraingt ag mo theach]/ Mo dhiomdha do Develera ar chaoi ar bith, nachar bhain an poistín beag atá aige siúd dhó (: de), thar agus é a bheith ag fánóireacht soir annsin cho leitheadach le cut siopa. Ní sheadh, ach 'sé atá mí-chéadtach féin le caidéis ar bith a chur air /[Mo dhiomdha go deo do'n té a chuímnigh ar an ínntreacht (: intleacht) chéadna an chéad-uair. Ach chreidim gur smál é atá ar an saoghal. Is mór adeireadh muid le toirneach roimhe seo, ach ní raibh a{n} saoghal in a chis ar easair cheart gur tháinic na báid aeir seo]/ Mo dh{iomdha}

{?} do'n bhaile sin thiar thar a bhfaca mise ariamh. 'Siad díogha 'chuile dhíogha iad, agus na creachadóirí is mó a chasfaí ort i do shiubhal lae. / Cuirim faoi dhraoidh-eacht agus faoi mhór-dhiomdha na bliana thú gan an dárna béilí a ithe ar aon-bhord ná an dárna h-oíche a chodladh ar aon-leabaidh go bhfagha tú amach domsa cé'n fáth nach ndearna Ridire an Gháire Dhuibh aon-gháire le seacht mbliana (… go dtugaidh tú chugam an Each Chaol Donn, an Claidheamh Soluis agus rl.) = gnáth-sheoruidhe i sean-scéalta le tuairisc a thabhairt ar chur na ngeasa / D'imigh sé faoi bhrún (: brón) agus faoi mhór-dhiomdha = faoi bhrón agus faoi dhuibhthean = d'imigh sé an oíche sin faoi bhrún agus faoi dhiomdha /[Chuaidh sé abhaile an oíche sin faoi bhrún agus faoi mhór-dhiomdha. Leig sé osna as a bhris an ghabhail-éadain. "Is mac Rí faoi gheasa thú" adeir an mháthair leis / Tháinic mé abhaile an oíche sin faoi bhrún agus faoi dhiomdha, agus chaith mé mé féin ar an leabaidh, ach ní bhfuair mé aon-tsuaímneas. Ar an dá luath agus a bhfuair mé lá, ghread liom in ath-uair … / D'imigh leis faoi mhór-dhiomdha in áit nach bhfuair sé an bhean / Tá sé faoi mhór-dhiomdha na laeth -eantaí seo. Ní chomhnóchaidh sé aríst muis nó go dteighidh sé ar ais chuice. Ní bheadh aon-tsógh in a shaoghal aige gan a bheith abuil sí]/ Is measa dhom an méid sin imní ná diomdha mo bhliana. Shíl mé siúráilte go raibh sé criogtha an uair nach raibh sé ag teacht / Is measa dhom an gheit a baineadh asam aréir ná diomdha na bliana. Mhionnóchainn go raibh an capall marbh. Chonnaic mé ag dul isteach indiaidh a mullaigh ins an gclochar í, agus treascruigheadh í, agus shíl mé nach raibh cnáimh in a corp nach raibh in a leithríní … / M'anam a Dhia agus do (d ní g) Mhuire! Is measa dhom an méid easonóir a fuair mé uatha sin anois ná diomdha mo bhliana /[Is measa dhom an méid cainte a baineadh asam ná diomdha na bliana. Nach diabhlaí an smál atá ar chuid de na daoine nach beo iad mara mbeidh siad ag cothú achrainn. Ach 'sé an chaoi a bhfuil sé, is beith é sin atá orra. / Tá diomdha na bruighne anois air = cantal, aithmhéala, brón nó ceann faoi, faoi gur buaileadh duine in achrann nó go raibh sé in achrann / Póit na maidne agus diomdha na bruighne: sin iad atá air indiu. Má's iad féin is gearr aríst go bhfeicidh tú óltach é, agus ag dul le buile ag iarraidh achrainn]/ M'anam má theigheann sé ag míoladóireacht leis siúd go mbeidh diomdha na bruighne air. Siúd é an diabhal céadna nach mbeadh mórán éisteacht' aige le aonduine / B'fhéidir an uair a bheadh a ráithe príosún déanta aige faoi'n mbuille sin go mbeadh diomdha na bruighne air. Comhairleochaidh an áit sin é / Ní chaithtear an t-achrann gan diomdha na bruighne / Is fhearr dhuit é a ghlacadh in a réidhteach

anois agus gan diomdha na bruighne a bheith ort ar ball. Má bhíonn tú in do thús achrainn annseo ní ghabhfaidh leat / Tuilleadh diabhal aca anois, má tá diomdha na bruighne orra. Chaillfidís síol a gclainne mara dtosaighidís troid. Is beag atá dá barr anois aca ach mailí gearrtha / Beidh diomdha na bruighne ort má theigheann tú ins an gceann sin leis. Diabhal bréag nach mbeidh. Is uilce iad seo eile ná na h-easógaí má bhaineann tú asta é. Meastú an mbeadh suim aca sin iarraidh mharbhthach a thabhairt duit. Dheamhan a dhath! /[Bhí diomdha air adeir sé nach bhfaca sé in am mé, go gcuireadh sé cumaoin eicínt orm = caitheamh in a dhiaidh. / Bhí diomdha an domhain air má b'fhíor dó féin, nach bhfuair sé scéala faoi'n tsean-bhean, go dteagadh sé ar an tsochraide. Ach bhí sochraide dlighte dhó annseo cheana agus ba bheag an luadh a bhí aige a theacht ann. Dar príosta muise, ní ag amhdú an uilc é, ní thaobhóchaidh muid é má bhíonn an t-anshógh air fhéin]/ Beidh diomdha an tsaoghail uirre mara n-iarrtar aon-duine de'n chlann inghean an Inid seo. 'Ar ndú' mo léan iarrfar, má airigheann siad (: lucht iarrta ban) aon téagar in a h-aice / Tá sé cho maith dhom a rádh nach bhfuil diomdha ar bith orm faoi'n margadh. D'eitigh mé dhá phunta dhéag deich uirre luath ins an ló, ach is fearr liom ag duine muintreach í go fada, má tá sí aige faoi'n a luach féin [Diomdha = brón, duibhthean] /[Ní raibh aon-diomdha ariamh uirre faoi'n a phósadh th'éis go raibh a muíntir uiliog ag casaoid uirre, an uair sin mar gheall air. Níl beirt indiu ins an bparáiste cho teolaidhe léithe]/ Níl aon-mhaith do dhuine rud a dhéanamh a ghabhfas 'un diomdha dhó = a mbeidh aithmhéala nó caitheamh in a dhiaidh air faoi; rud nach ndéanfadh sé dhá mbeadh breith ar a aithmhéala aige / Má dhéanann tú é sin anois — ní ag cur aithne ort é — gabhfaidh sé 'un diomdha dhuit féin / Níl aon-mhaith dhuinn craos a dhéanamh. Tá ar ndóthain ólta againn. Má ólann muid níos mó, diomdha a bhéas orainn ar maidin / Tá a dhóthain diomdha air anois faoi nar imthigh sé an fhad agus bhí a dheis aige / Tóg anois é agus ná bíodh diomdha ort aríst / Níor bhac mé leis, té (: cé) go raibh mé ar tí snaoim (: snaidhm) a thabhairt dó an chéad-uair. Ach is fhearr sin féin ná diomdha a bheith orm aríst /[Diabhal mórán diomdha a chuirfeadh sé ar chuid againn dá mbeadh an baile ar fad sínte cho maith leis. Ní deag-éadáil ar bith iad sin / Tá diomdha uirre leis nachar roinn sé an údhachta léithe = mí-bhuidheachas]/

Diomdhach [Fuaim: diomúch] — Aidiacht as diomdha

diomdhach = aithmhéalach, brónach, mí-bhuidheach, dith-bhuidheach, do-mheanmnach, buaidheartha, leamh de, bréan de, caillteach le.

"Ní bhíonn an chéad duine buidheach ná diomdhach" = b'fhéidir go mbeadh sé i bhfad níos fhearr ná cuid eile, agus i bhfad níos measa ná cuid díobh freisin [sean-fhocal] / Ba mhó a fuair sé ná mise, ach ní raibh sé sásta in a dheidh sin. Bhí sé ag strócadh ag rádh go bhfuair M. B. a dhá oiread leis. 'Ar ndú' ní raibh an chéad duine ariamh buidheach ná diomdhach. Sin é an chaoi a mbíonn sé. /[Orainne a tháinig sé ag roint idtosach. Thug sé dhá mhuigín an duine dhuinn. Nuair a shroich sé siar cho fada leis an mbroscán a bhí ins an iothlainn, ní raibh aon-chosamhlacht ar mhórán eile a theacht, agus bhí sé ar phuintí an trí an uair sin. Thaosc sé amach an pórtar aca sin. Ach bhí an bóithrín aníos dubh le daoine ag leath-uair th'éis an trí agus ag an ceathair, agus gan faice le fáil aca, mar rinne sé phlaicín ghabhair dó (: de) ins an iothlainn. Maidir linne, ní bhfuair muid ach an dá mhuigín. Ní raibh muid buidheach ná diomdhach: sin é an chaoi len a rádh. Ní bhíonn an chéad -fhear buidheach ná diomdhach arsa tusa [Ól dhá roint ag sochraide]]/ Eisean an chéad-fhear ariamh a d'iarr í, agus fuair sé í (: bean). Ní bhíonn an chéad fhear buidheach ná diomdhach / Ní raibh mé buidheach ná diomdhach de'n aonach. Feicthear dhom go mbadh cheart dom cuid mhaith eile a fháil agus an dá rampaire muice a bhí agam, ach ar an gcaoi ar díoladh muca eile, ní raibh daor-bhasctha chor ar bith dhom / Sin é an cineál duine é. Dá mbronntá Éire air, ní bheadh a fhios agad, an mbeadh sé buidh-each ná diomdhach / 'Sé'n sórt caoi a bhfuil an pósadh seo níl siad féin buidheach ná diomdhach dó. Tá áit thar cíonn ann, marach an aois atá ag an bhfear / [An obair a bhí agamsa i Sasana, ní raibh mé buidheach ná diomdhach di. Bhí togha na páighe agam, ach bhí na h-uaireanntaí dubh-fhada — naoi n-uaire déag, agus fiche uair ins an ló, scaithtí. Bheitheá tugtha aice ins an rith fada / Má tá Dia buidheach do chuid do na daoine, is deacair Dhó gan a bheith diomdhach do thuilleadh. Go dtugaidh Dia ciall duit a dhuine sin! Níl peacadh ar bith i Sasana — peacadh ar bith — ach nach bhféadfaidh Éireannach bastard a thabhairt ar Churchill. Dheamhan thiomanta peacadh ann anois ach an méid sin]/ Bhí an mháthair ar chuma ar bith sáthach diomdhach de mhuintir Sh. Dh. Níor thaobhuigh sí iad ó cailleadh an inghean. Dubhairt sí gur fhága siad annsin í, gan fios a chur ar

an dochtúr go raibh sí ag saothrú báis / 'Sé a bhí diomdhach dhíom nachar thaobhuigh mé é an t-am a raibh sé buailte síos. Shílfeá nachar cheart dó guth ar bith a bheith aige ormsa agus cho fada amach uaidh agus a d'fhan daoine a bhí i bhfad ní ba ghoire dhó ná mise /[Tá 'chuile dhuine diomdhach de'n aimsir seo. Ní chloisim aon-duine dhá moladh, cé's moite de Sh. Ó. Th. ach 'ar ndú 'sí an bháisteach a bhuac sin / Is maith diomdhach a bhí sé ar maidin indiu, an uair a fuair sé a phócaí falamh th'éis na h-oíche agus a cheann dhá scoilteadh le tinneas óil / 'Sé atá diomdhach di, nachar iarr sí ar an mbainis é, ach go deimhin fhéin is beag a bheadh le déanamh aice a dhul ag tarraint sean-scramaire mar siúd isteach ina teach dhá mhilleadh]/ Is fhearr dhó é fhéin a shású anois ná a bheith diomdhach ar ball, an uair nach mbeidh aon-ghoir aige a dhul ar a thóin ins an margadh. Ní h-ionann pósadh agus rud ar bith / Is minic ariamh a bhí duine diomdhach de'n iasacht. Dlí na h-iasacht', adeir siad, an tiarach a bhriseadh / Is mór atá ag eirghe diomdhach de na sagairt chéadna de bharr na mbealaigh atá leo féin: ithte ag iarraidh airgid, agus gan goir ag duine a bhéal a oscal nach mbeidh siad ag tromachan air / Thiubharfá diomdhach orm! Is agam a bhí a údar: Chúig phunta dhéag a eiteachtáil agus a caitheamh uaim aríst deich fichead faoi /

deabhadh = ainm-fhocal, fireann
Deabhadh = deifir, bruid, forú, driopás, anbháthadh, géarú ins an siubhal, in obair agus rl. [Measaim go bhfuil an focal seo ag seirgeadh. Níl sé ach i mbailt-eachaí áirithe, agus ag teallaigh áirithe ins na bailteachaí sin féin, ach na daoine a mbíonn sé aca, is minice a bhaineas siad leas as ná as "deifir"]

Déan deabhadh. Mara mbeidh tú bruideamhail thairis sin, is truagh shaoghalta duit amach annseo, an uair a bhéas an obair ar fad fút féin / Nach breagh nach ndéanfá deabhadh agus gan a bheith ag fáil bháis léithe. Caithfear an t-ath-pholl a aichghróigeadh (: aithghróigeadh) fós / Ní chuirfeadh do chumhachta faoi ndeara dhó deabhadh a dhéanamh, ach ag snámhuidheacht leis mar siúd agus ag comhaireamh na gcoisméigeachaí. Go bhfóiridh Dia air, ach a mbeidh sé mór / Breagh nach mbeadh deabhadh ionnad agus an obair a dhéanamh de ghort an gharta. Annsin bheadh an chuid eile de'n lá agad in do chomhnaí / Fuair tú amach an ceann a dhéanfadh deabhadh, ab é an bás bradach sin. Déanfaidh b'fhéidir! / Bhí an oiread deabhadh orm agus nach raibh goir agam breathnú fúm ná tharm /

Dealbh = ainm-fhocal, fireann [ní feasach mé faoi'n iolraidh, arae
ní h-eolas dom an focal a bheith ins an gcaint in aon-leagan eile
ach ins an leagan seo amháin. Is annamh a cloistear ins an leagan seo
féin é. Fuaim: dealú].
Dealbh: Deilbh, cruth, cumraidheacht, cuma, leagan colna, déanamh.

M'anam nar mhaith liom a dhealbh a fheiceál ag teacht faoi'n dorus chor ar
bith = a chumraidheacht / Ní luaghar (: lughar) liom an diabhal a fheiceál ná a
dhealbh. Bíonn gothadh crochadóra i gcomhnaí air, agus scéin in a shúile. Cé'n bhrigh
ach an choisméig bhacaola (: bacaighle) atá ann! / 'Chuile bhall agam
ach a dhealbh sin i mbóthar ná i mbealach. Tá sé ag imeacht ag súmaireacht is
'chuile áit agus ag iarraidh fios gnatha 'chuile dhuine, ach do dhubhshlán a ghnatha féin
a fháil amach. Dheamhan é muis /[Cho luath agus a chonnaic sé a dhealbh ag teacht
ar an tsráid siar leis de rithte-reathach ins an seomra agus as sin, ní
chorróchadh sé, gur bhailigh sé leis aríst. Níl iarracht ar bith aige air, ná ní
raibh ariamh. Is suarach an t-íongnadh sin, lá agus gur shíl sé é féin agus a bhean a
chur in aghaidh a chéile. Ní shílfeadh duine ar bith a dhul idir lánamhuin phósta
mar sin ach aidhbheirseoir de dhuine. Ach bíonn siad sin féin ann]/ Is beag is
ait leis a dealbh a fheiceál beag ná mór anois. Cuireann sí uais air cheapfainn.
"Dhá gcuireadh sí fear ar foghnamh in m'áit" adeir sé "níor cás ar bith liom é,
ach an stramhasacháinín dona sin, a bhfuil cois aige ar bhruach na h-uaighe ó a
rugadh é. Scread-mhaidne uirre, má bhí ag dul ag déanamh mo mhaltrait, breagh nach
bhfuair sí fear ceart" / Má fheiceann sé mo dhealbh-sa ar a shráid, rachaidh mé
faoi dhuit nach gcodlóchaidh sé an-tsuaímneach anocht. Tá a fhios aige go bhfuil
sean-riaráistí le n-íoc agam leis (: tá faltanas istigh agamsa dó de bharr rudaí
a rinne seisean orm cheana), agus go n-íocfar iad dá dteighidís míle bliain.
'Ar ndú' níl feithideach ar bith is faitighe ná é, ach an uair a airigheas sé
cúl-tuiric aige féin in aice láithreach /["Dar brigh na míonn" mar adeir C.
an Ph. "má fheicimse a dhealbh isteach ar an mbaile seo aríst, is truagh
-Mhuire dhó. Gheobhaidh sé dual na druinne. Buailfidh ceathar againn in aghaidh a
chéile é / Póilí! Tá cúl-shráideannaí annsiúd nach bhfeictear a dhealbh ionnta
ó bhliain go bliain. Go gcuiridh mac Dé an t-ádh ort a mhic ó! Is measa an
póilí i New York ná "an crochadóir" is mó ins an mbaile mór. Níl ort ach
ladhar a chaitheamh ag an bpóilí ann, agus d'fhéadfá lán sráide a mharbhú agus ní
thiocfadh aon-tréas go bráth ort. Bhí aithne agamsa ar dhaoine a bhí ins na
póilíos ann — Éireannaigh. Cuid aca amach as do pharáiste féin … /

{De}albh: briathar (: ní theagann aon-chlaochlódh aimsire air, arae ní feasach dom é bheith in aon-leagan eile ach ins an leagan seo amháin).
dealbh: chruthuigh, chum, dheilbh, rinne, shnuigh, mhúnlaigh, dheallruigh.

"Níl aon-lá dhár dhealbh an ghrian nach dteagann sé againn uair eicínt. B'fhéidir gurb é an uair a bheadh muid ag dul a chodladh ins an oíche a casfí (: casfaí) isteach ar a chuairt é = níl aon lá dá n-eirigheann air agus rl. = níl aon lá dá n-eirigheann ar a shúil agus rl. = níl aon-lá ins an aer (aon-lá beo, aon-lá dá dteagann) agus rl. [dhár dhealbh an ghrian = bíonn an méid sin seasta ann i gcomhnuí, agus faoi laethanta oícheannta, maidineacha agus rl. is mó a baintear leas as, cé go mbíonn sé i ráidhtí eile scaithtí, i gcosamhlacht leo sin b'fhéidir] / Dheamhan maidin dhar dhealbh an ghrian nach bhfeicfeá ag dul soir é, taca an am chéadna 'chuile mhaidin — ar phuintí an deich — le gloine fuisce a ól. Sin é a chuid óil aríst go dtí an t-am céadna an mhaidin dár gcíonn / Theagadh sé thíos againne 'chuile oíche dhár dhealbh an ghrian, nó gur buaileadh suas as na cosa é faoi dheireadh, agus go mb'éigin dó fanacht istigh. Má ba fliuch fuar an oíche, theagadh sé. Sílim nar loic sé an oíche féin ar feadh scór blianta … /[Dheamhan sin oíche dhár dhealbh an ghrian, nach mbuaileadh sé féin amach shul' theigheadh sé a chodladh go bhfeiceadh sé a raibh na lúbáin ar na croithe, agus gabhail faighte ag na beithidhigh, agus ag an gcapall. Dhá dteigheadh a raibh ins an teach amach míle uair i mbéal a chéile, ní bheadh aon-tsástuigheacht aige ann in a dheidh sin, gan é féin ag tabhairt súil orra. Duine imnídhtheach a bhí ann. Tá mé ag ceapadh go n-eirigheann sé 'chuile oíche thiar ins an roillig anois, faitíos a mbainfeadh dearmad do Sh. Bh., gan an geata a dhúnadh!]/ Níl aon-tSatharn dhár dhealbh an ghrian nach dteigheadh sí G., an fhad agus a mhair sí. Ní raibh lá dhá dheannachtaighe indon a coinneál istigh. Is minic a chonnaic mé ag teacht abhaile trathnóna í, agus an sruth as a cuid éadaigh. Dheamhan ruaig shlaghdáin a tholg sí ariamh as in a dheidh sin. Bhí an follántas mór ag imeacht leo sin ar fad / Níl Domhnach dhár dhealbh an ghrian nach mbíonn sé ag an gCéad-Aifreann, aindeoin na deich mbliana agus cheithre fichid a bheith bailighthe go h-árd aige. Má tá féin, tá an oiread lúid ann fós agus a bhí an chéad lá ar thosuigh sé ag tarraint an phinsean. / Aon-ghreím dhár dhealbh an ghrian, ní dheachaidh ar a bhéal le seachtain / Ní dhéanann sé nídh dhár dhealbh an ghrian anois, ach gróigthe ar an sconnsa beag údaidh, ag cur carra chainte ar an bhfear anoir agus ar an bhfear aniar. Go deimhin 's go dearbhtha, is aige atá saoghal an duine uasail / Ní bhfuair mé aon-tuigarette (cigarette) dhár dhealbh an ghrian le dhá lá. Tá mé thart dhá bhfuireasbhaidh. /

Domhnall, Domhnaillín: ainm-fhocla dílse [baintear leas as "Domhnaillín" in a ainm-fhocal coitianta, mar atá síos fút]

Domhnall, Domhnaillín = ainmneacha daoine.

Domhnaillín (Donaillín?) = arcadán; aircín; dubhradáinín dona; rud dona ar bith; rud nach n-ólfadh a lacht; beithidheach gan mórán bisigh; tugtar go h-áirid é ar bhanbh nach mbeadh aon-tsine ar an gcráin dó, agus a thóigfí le bainne.

"Triúr cloinne Dhomhnaill óig a chuaidh 'na coille maidin cheo;
An crann nar bhain siad thugadar leo iad; agus an crann a bhain d'fhágadar in a ndiaidh iad"
[Tomhais: preacháin a bhí ag tligean a gcuid cleiteachaí i gcoill] / "Dearbhrath-air do Thadhg Domhnall" = mara chéile an cúpla = má tá duine de'n dís míádhasach, míofhortúnach, ámhuilleach, achrannach, luath-lámhach agus rl. ní taise de'n cheann eile é: tá sé féin cho dona leis an gcéad duine / Níl a fhios agadsa ach an oiread é, má's fíor duit féin. Ach d'eile cé'n chaoi a mbeitheá. "Dearbhráthair do Thadhg Domhnall". /[Tá sé seo thuas 'chuile orlach cho bainte amach leis ag achrann. Ach céard sin orm! Nach dearbhráthair do Thadhg Domhnall / Tá ceann eile ag béal an doruis againne nach ndéanann buille maitheasa ó mhaidin go faoithin ach ag imeacht ag liúistidheacht (: leoistidheacht) ins an ngarrdha ag 'chuile dhuine. Is dearbhráthair do Thadhg Domhnall mar adeireadh T. / Dearbhráthair do Thadhg Domhnall. Dheamh-an tada dhá thais ag fear an bhaile se'againne. Chaithfeadh sé lá 'eil' San Seáin ó réalt go réalt, agus ní iarrfadh sé ar an bhfad sin ach ag coireadh ar a chomharsa / 'Bhfeiceann tú P. Mac C. nach nglacfadh é ach an oiread. Is geall le chéile an cúpla. Dearbhráthair do Thadhg Domhnall]/ "Tá dhá Dhomhnall i gCúige Uladh" = tá beirt de'n ainm nó de'n tsloinne chéadna i láthair; nó tá beirt atá ins an gcás céadna / Ní leatsa atá mé ag caint beag ná mór. Nach feasach duit go bhfuil dhá Domhnall i gCúige Uladh / Shíl mé gur liom fhéin a bhí tú ach chreidim go bhfuil dhá Dhomhnall i gCúige Uladh / Má's ag caint ar Shiúinéara na Tamhnaighe é, nach bhfuil dhá Dhomhnall i gCúige Uladh. Cheal nach bhfuil beirt shiúinéaraí ar an Tamhnaigh. Nach bhfuil mac Sh. Uí Mh. ina shiúinéara freisin — nó 'bhfuil / Cé na rámhailltí atá ort? Cé'n chaoi a mbeadh T. Ó F. pósta? … ach huga leat. Tá tú agam. Tá dhá Dhomhnall i gCúige Uladh. T. Ó F. atá ar mhac Ph. freisin, agus tá sé pósta / Tá dhá Dhomhnall i gCúige Uladh, arsa tusa

'Ar ndú mo léan, is fear Gaillimheach é mac Sh. freisin, cho maith leis an té a bhfuil an cháil mhór air / "Pébrí (: pé'r bith) cé a ólfas é, 'sé Domhnall a íocfas é" = mise (nó duine áirid) a bhéas siar leis an téiléaracht i gcomhnaí, pé'r bith cé a dhéanfas an rud, nó a ghlaodhfas an deoch, nó a mbeidh brabach an scéil aige /[Rinne duine eicínt clann léithe ach ar Sh. bocht a leagadh é. "Hébrí cé 'ólfas é, 'sé Domhnall a íocfas é" adeir -eadh S., agus é ag fuasaoid an scéil le 'chuile dhuine / D'ith a raibh aca ann fré chéile é. Cé'n cuireadh a d'iarr siad siúd. Thug siad fhéin cuireadh dhá chéile. Chuir sé poll maith in mo phóca-sa ar aon-chor, an uair a bhí an phighinn bheag agus an phighinn mhór íoctha amach agam. "Is cuma cé a ólfas é, 'sé Domhnall a íocfas é" arsa tusa / Diúltaigeamuide dhó. Ní fhéadfainn a rádh leisce na bréige indiu ná an lá sin, ab é a rinne é, aindeoin go raibh sé leagtha air. Ach chuaidh sé go daor ormsa ar aon-nús (: nós). "Hébrí cé a ólfas é, 'sé Domhnall a íocfas é" mar adeir an fear fadó]/ Máthair Thaidhg agus sean-mháthair Dhomhnaill. Cé'n gaol a bhí ag Tadhg le Domhnall? [Cineál tomhaise] / Tá sé in a "Dhomhnall na Gréine" agad = scéal a thosóchadh slachtar agus a gcuirfí cor gráiscínteachta ann. Amhrán gráiscínteachta é Domhnall na Gréine. Tosuigheann sé mar seo: "Domhnall ar meisce agus a bhean ag ól fuisce, agus na páistí ag géimneach Fear an díthcéille … " /[Níor chomhnuigh tú as a dheireadh go ndearna tú Domhnall na Gréine dhó (: dhe). Níor mhinic an scéal slachtar agad ach an oiread leis an bhfear ar ball / Ó a rinne tú Domhnall na Gréine anois dó (: de), oibrigh ort agus déan "Cailín an Staicín Eorna" dhó. Críochnóchaidh sin faoi shlacht é. Is diabhlaí an tóir a bhí ar an ngráiscínteacht ariamh féin agad]/

"Nach seafóideach a shíleas tú mé a bheith" arsa mise le fear an Achréidh, "ag ceapadh go gceannóchainn an Domhnaillín sin uait. 'Nuair a thiocfas mise 'na mhargaidh, ní bhím ag iarraidh banbh ar bith, ach údar /[Bhí cráin annseo uair againn, agus bhí cheithre bhanbh dhéag aice ar an ál. Dheamhan a raibh uirre ach trí shine dhéag. An banbh corr a bhí ann nach bhféadfadh a dhul ag diúl, thosuigh muid féin ag tabhairt bhainne dhó. Shíl muid go ceann fada nach n-eireochadh sé, arae bhí sé in a aircín dona. Ach sceinn sé amach ins an deireadh, agus rinne sé an-rampaire muice. Choinnigh muid é go raibh sé in am a dhíolta go maith.

Diabhal mé dhuit go raibh carghas orainn scaradh leis chor ar bith. Bhí sé in a pheata againn. Domhnaillín a thugadh muid air]/ Tá aon-bhanbh déag le cur amach againn. Coinneochaidh muid féin (an) Domhnaillín / Chonnaic mise banbh agus fiche ar ál ag cráin a bhí ag Ph. Ní Domhnaillín a bhí ann, ach trí nó ceathair de Dhomhnaillíní. Ní cuimhneach liom anois, cé mhéad sine a bhí ar an gcráin. Dar fiadh sílim gur mhair siad ar fad / 'Bhfeiceann tú an áit a bhfuil Domh-naillín istigh faoi'n gcloich. Ní fiú duit a dhul ag fiachadh air. Níl spriúille ar bith éisc ar sin. Tríáil na clocha sin. B'fhéidir go gcasfaí iascán fútha [Domhnaillín = portán beag bídeach, ins an gcás seo. Is minic a tugtar ar phortáin rí-bheag é] /[Tá Domhnaill -ín de laogh agam thuas annseo, agus dheamhan rath ná biseach faoi. Ní cheal muise nach bhfuil sé ag fáil a dhíol aire. Tá casán dearg déanta agam chuige maidin agus trathnóna ag "tindáil" air, ach bhí sé cho maith dhom a bheith in mo chomhnaí]/ Bhí uan meirbh againn annseo an bhliain cheana, agus níor ól sé aon-deoir dhá lacht ariamh, ach léar (: de réir) mar a choinnigheadh muid bainne leis istigh ar an teallach. Dar príosta d'itheadh, agus "sweets" agus siúicre agus 'chaon tsórt as cúl do ghlaice. Bhí sé in a Dhomhnaillín dhona go ceann fada. Ach rinne sé a bhiseach uiliog d'aon-iarraidh amháin ins an deireadh. Dhá laghad meas dá raibh againn air, badh é an chaora ab fhearr ag gabhail liom é an t-am ar dhíol mé é /[Ag dul ag pósadh! Leig de do chuid cumadóireacht' anois. Meastú an ngéillfidh mise do do chuid bréaga. Cé 'thiubharfadh bean de'n Domhnaillín siúd. Dá gcuireadh sé slat ar Éirinn, ní bhfuigheadh sé bean]/ 'Sé'n Domhnaillín de dhuine é = dubhradáinín dona, gan brigh gan éifeacht, gan aon-bhiseach faoi / Is dona an Domhnaill -ín é siúd, th'éis go bhfuil an chuid eile aca in a bhforránaigh láidre. Ab shiúd é craitheadh an tsacáin … B'fhurasta 'aithinte / Ab é an Domhnaillín de mhac sin aige a bhí ag cothú achrainn. Luirg an diabhail dó! Dhá bhfeicinn fear ar foghnamh ag iarraidh troda diabhal a n-abróchainn tada, ach dubhradáinín dona mar é siúd, agus go gcuirfeá do'n domhan Shoir de shéideoig é. Dhá leiginn amach an laogh beag sin a rugadh dhom arbhú indé diabhal mé go dtiubharfadh sé mian a chroidhe dhó — go dtiubharfadh sin /

daor: aidiacht

Daor = gan a bheith saor; cuid mhaith airgid air; ag cur cuid mhaith as duit; a bheith caillteach le rud.

Tá an mhin daor anois / Tá cíos an-daor orainn / Marach go bhfuil cíos an tighe an-daor bheadh leo / Ní aonach daor a bhí ann = ní raibh eallach an-daor ann /[Ní siopa an-daor é. Tá sé bun-tsaor go leor le h-ais siopaí eile]/ Ar tháinic an traen daor ort = cé mhéad ab éigin duit a íoc uirre? / An raibh an "bicycle" sin daor ort? = cé méad a chosain sé ort / Ní thiocfadh teach an-daor ort roimh an gcogadh dhá mbeadh clocha agus gaineamh agad féin / Ní daor go dtí iad anois. / Ná bac le daor! Tá 'chuile shórt a bhéas tú a cheannacht in a ór anois / Nach daor a lean sé thú faoi'n gcarr. Dhá phunt as seo go G. Rún a bhí aige thú a bhánú — 'seadh sin /[Má leanann sé ro-dhaor mé, déanfaidh mise rud leis. Tugaimse raithneach na ngarrantaí sin thuas dó 'chuile bhliain. Dheamhan dosán di a bhainfeas sé len a mharthainn arís, má bhíonn sé ro-ghéar é féin liomsa / Nach daor a lean an sagart é faoi'n bpósadh: deich bpunt. Ach is beag a aireochas sé é. Tá sé siúd in a ridire]/ Má bhíonn sí ag iarraidh thú a leanacht ro-dhaor fág annsiúd aice iad. An té atá indon an seachadadh amach a dhéanamh is furasta dhó a dhul in a rogha áit, agus deirimse leat go mbeidh cion ar a chuid airgid / Níl sé leath cho dona agus atá a cháil. Dheamhan an leanann sé daoine ro-dhaor chor ar bith. Ach an té nach dtugann mórán trácht' dó, leagann sé air. An milleán sin air? /[Shíl mé, agus ar cuireadh de chumaoin annseo ariamh ar mo theallach air, nach leanfadh sé cho daor sin mé ar scáth cupla céad slat. Ach is cneagaire críoch -nuighthe é. Ní tada eile é / Má bhíonn sé ag iarraidh thú a leanacht daor cuir faoi ndeara dhó coróin "luchpine" (: luckpenny) a thabhairt duit, agus fág an béiréiste faoi fhéin]/ Cheannuigh mé culaithín éadaigh do'n ghasúr indiu, agus má cheannuigheas féin, is daor docharach an ailím sin. Dheamhan pighinn de mo thrí phunt deich nach mb'éigin dom a shíneadh amach uirre. Scrios ceart é éadach anois ["docharach," focal cuingir "daor". Fc. "dochar", "docharach"] / Bhí mé istigh tigh N. indiu ag breathnú ar ghleasannaí cairr, agus má bhí féin is daor docharach an

áit sin. Má thóigeann tú páipéar chúig phunt amach annsiúd tabhair póg dhó (: ní feicfidh tú aríst é de bharr a dhaoireacht agus atá gach rud ann) /[Bhí mé ag ól scathamh indiu, agus is daor docharach an cheird sin ar an saoghal seo. Tá an fuisce as compás ar fad: scilling agus dhá phighinn ar leath-ghloinín ghágach. É a dhiúltú uiliog a bhí a dheanamh anois, agus ní hé an uair a bhí an misinéara dhá rádh linn]/ Is daor docharach an spóilín í an fheoil anois. Leath -choróin ar phuintín muicfheola, agus í sin féin cho leathta agus nach bhfuil an darna dinnéar innte choidhchin ag an duine, ní airighim ag muirín / Tá siad cho daor le uibheachaí seisiúin [an uair a bhíodh an Seisiún Ceathramhnach inGaillimh, bhíodh uibheacha daor. Ach tugtar údar eile leis. Fc. ubh] = Rud a bheadh an-daor = is daor an éad-áil é (iad) = is daor an ailím é = tá sé cho daor le dhá uibh ar an bpighinn = is daor an spóla (spóilín) é = tá sé cho daor le le daor = tá siad in a n-ór, tá siad cho daor sin / Is daor an éadáil a dhul ag ceannacht tubáin anois. Chuaidh mé isteach ag breathnú orra tigh Ph. Ch. an lá cheana. Ní leigfeadh sé laglabhartha as cúig déag iad. Dheamhan é muis /[M'anam muise má tá sé ag coinneál tae leis féin síorruidhe go gcaithfeadh sé go bhfuil pócaí teann' aige. Is daor an spóilín é an tae anois, má fhaghann duine aon-cheo le cois "an téagair" sin atá ag dul dó / Dar príosta muis, tá mé ag ceapadh gur daor an ailím a dhul ag ceannacht máilín móna i mBaile Átha Cliath th'éis go bhfuil sí ar shlad-mhargadh annseo. Sin é é. Tá 'chuile dhuine agus a ailp féin aisti. Ach tá mé ag ceapadh an uair a theigheas sí cho fada le na h-ucastóirí beaga a dhíolas libse í, go mbíonn sí thrídh lasadh ceart]/ Is daor an chúig ort í mar b'éigin duit do chuileata a chailleadh léithe. Ach bí buidheach dhó seo thall nach bhféadfadh é a leigean thart gan a dhóín brocach a shacadh isteach [cúig dhaor = cúig a chaithfeá a thógáil le rí-chárta nó le "gadhar mór", d'fhuireasbaidh gan tada eile a bheith agad, cé go mb'fhurasta a tógáil dá mbeadh mion-mhámh agad] / Is daor an iarraidh í sin ach b'fhéidir gurb é mo leas é. Ní scarfainn leis an aona hairt mar sin féin dá mbeadh sórt coisint ar bith agam uirre, ach bhí sí feidheartha / Má chu{aidh} sí daor féin ort ba chúig shásamhail í. Is dóigh go raibh tú indiaidh

do shásamh a bhaint de'n fhear sháithteach seo thuas / Ba daor an dá fhocal cainte air iad. Múinfidh sin é greim a choinneál ar a theanga aríst. Is cóir adeir siad gur ar adharca a bheirtear ar na ba agus ar theanga ar na daoine / Is daor an buille air é. Dar mo choinsias is beag iarraidh ar fiú chúig phunt fhichead í, ní áirighim a mbeidh de chostas air. B'fhéidir go gcomhairleochadh sin anois é. Ach ní féidir an droch-dhuine a chomhairleachan / Is daor a íocfas tú ann má bhaineann tú léithe siúd. Ní shiúd iad an ribín réidh agad. Chuirfeadh a h-athair siúd thar fairrge thú (: go talamh Van Diemen nó a leithide d'áit) / Is daor a d'íoc sé ann, ach shásuigh sé é féin. Sin é a raibh uaidh / Ba daor a chuaidh an bualadh air, ach diabhal a ngabhfainn i mbannaí nach ndéan-fadh sé aríst é, dá dteagadh sé ar a dheis. 'Sé a bheadh deas air déarfainn / Casadh S. Th. istigh liom ag an mbearrbóir, agus b'éigin dom deoch a thabhairt dó. Cé a thiocfadh isteach in a' (: ar) mullach ach M. Th. agus S. F. Ní raibh a dhul anonn ná anall agam ach seasamh do'n bheirt sin freisin. Bhris mé mo ghloine agus b'éigin dom íoc uirre. Idir 'chaon tsórt, ba daor an bearradh orm é ins an deireadh / Má's é a rinne é, tiocfaidh sé daor air / Má'sé a mharbhuigh an bhean feicfidh tú féin air gur daor a íocfas sé ann. Gheobhfar cionntach é agus crochfar é / Fág ag na póilíos é. Ná leag láimh ná cois air. Pléidhfidh sé siúd leis é. Tiocfaidh sé daor air, feicfidh tú féin /

Daoire, daoireacht, daoirse, daoirseacht: ainm-fhocla, buineann.
= a bheith daor; é ag coisint cuid mhaith airgid; a bheith árd nó éadálach i luach.
faoi smacht; faoi chuing.
[Bíonn na ceithre leagan ar an bhfocal ins an gcaint]

Níl aon-daoire (daoireacht, daoireacht, daoirse, daoirseacht) ins na muca anois. Tá siad an-bhuailte le goirid / Is deacair maireachtáil anois agus a (: len a) dhaoireacht agus atá 'chuile rud / Dá dteagadh aon-daoirseacht ins an móin amach annseo, b'fhiú greim a choinneál uirre, ach is mór m'fhaitíos nach dtiocfaidh / Tá na beithidhigh réidh le daoireacht imbliana. Deir siad go bhfuil an galra eile sin briste amach aríst i Sasana /[Dhá dhaoireacht dhá raibh an saoghal ariamh, ba bheag an bhrigh é le h-ais na cheithre bliana seo caithte. Ach ní cás do na daoine é agus a bheith beo chor ar bith, agus an droch-bhail atá ar an domhan]/ Ná bac le saor! Is ag dul 'un daoir-seacht atá 'chuile mhíle nídh / B'éigin dom a fhágáil in mo dhiaidh len a

dhaoireacht. Ní mó ná dá mbadh ridire mé go mbuailfinn faoin a cheannacht / Tá 'chuile shórt ar a dhaoirse ní áirighim ar a ghainne anois = tá 'chuile shórt an-daor agus an-ghann / 'Ar ndú' bheadh sin ceart go leor: ceannacht ar a shaoirse agus díol ar a dhaoirse. Is gearr go mbeitheá in do cheithearnach an uair sin ar chaoi ar bith. Ach fagh thusa an té atá indon é sin a dhéanamh. Cuirfidh mé geall leat go gcinnfidh sé ort /[Ná taobhuigheadh duine ar bith an cráidhteachán sin nó go gcinnidh air. Tá 'chuile shórt ar a dhaoirse aige, agus a dhá shúil ag dul amach thar a cheann le faitíos nach bhfuigheadh sé 'chuile chianóg. Bíonn scanradh air, má fhanann an leithphighinn féin amuigh, nach bhfeicfidh sé go deo í]/ Tá éadach ar a dhaoirse anois. Chuaidh mé isteach G. an lá faoi dheireadh d'aon-uaim amháin go gceannuighinn báinín. Dheamhan báinín a leigfeadh sé amach as an siopa liom faoi choróin agus punt. "Chonnaic mé an t-am a mbeadh chúig cinn aca ag dul abhaile agam air" arsa mise. "Bailigheadh leo anois. Imeochaidh mé ins na ciomachaí scathamh eile" /[Tá an chaint sin ceart go leor. Bhí earradh ar bith a bheitheá a cheannacht ar a dhaoirse le linn an chogaidh cheana. Ach níor thaise do'n rud a bheitheá a dhíol é. Bhí lán laidhre ar ghamhainín, ar mhuic, ar chaora agus ar 'chuile shórt nídh. Breathnuigh ar na h-aontaigh anois. Dheamhan ar fiafruigheadh dhíom cá raibh mé ag dul le trí aonach. Tá láimh na dóghadha ceart go leor, ach ní fheicim cá'il láimh na tárrthála]/ Níl aon-cheannachthóir faoi seacht ranna na néal is measa ná í th'éis cho taithighthe agus atá sí ar aon-taigh. Ceannuigheann sí 'chuile bheithidheach ar a dhaoirse, agus cinneann uirre a cuid féin a fháil air aríst, agus í dhá dhíol. Dheamhan tógáil a thugas sí orra ar aon-nós, le tada a bheith aice asta /[Má theigheann tú ag ceannacht fhéir anois ní bhfuighidh tú é ach ar a dhaoirse. Is dona a d'oibrigh tú — agus fios agad go dteastóchadh sé uait — nachar cheannuigh ní ba thúisce ins an mbliain é, an uair a gheobhfá buille saor é. Tá an bhliain ag teacht an-déan (: dian) freisin]/ Is fada an lá a chaith an tír faoi dhaoirse (: daoirseacht). Shílfeá annsin an lá cheana go mbadh mhian le na Sasanaigh agus le na Puncáin muid a chur i dteannta aríst. Na creachadóirí, ba bheag a bhéarfadh orra é, dá sílidis go mbeidís indon a dhéanamh gan mórán dá gcaillteamas féin a bheith leis ["daoirse", "daoirseacht" = faoi smacht. Is annamh an focal ins an gcaint leis an mbrighin seo, mara mbeadh sé ag dream a thóigfeadh as leabhra é]

daoirsiughadh, (daoirsighim agus rl) = Briathar.
[Fuaim: Ins na focla seo daoirse, daoirseacht, daoirsighim agus rl.
fearacht na bhfocal ar fad a bhfuil rs caol ionnta i scríbhinn, is
rs leathan a dhéanas cuid mhaith daoine díobh inGaillimh ar fad.
"Daoirse" — "Daorsa". 'Sí an rs leathan atá ag cuid mhaith de'n
aos óg, ach tá fuaim eile ag a lán daoine freisin, agus measaim gurb
í a bhí ar na focla seo ar fad go dtí cupla líne ó shoin. Ní mheas-
aim go bhfuil aon-chur-síos uirre in "Urlabhraidheacht" [Tomás Ó
Máille]. Tá sí tréan go maith i gCois Fhairrge. Ní rs caol ná rs
leathan atá aca, ach fuaim eile. Ní bhuaileann siad an r roláidir
agus déanann an s seabhrán nó siosarnach láidir ar a theacht amach
di. Tá an fhuaim sin an-tsuntasach ag daoine, agus d'aithneochthá thar
an rs leathan í gan mórán stró]
Daoirsiughadh = árdú nó géarú nó biseach ar an luach a bhí ar an
earradh nó ar an eallach nó ar an rud thar mar a bhí air roimhe sin; cotarsna "saoirsiú"

An bhfuil aon-cheo ins na páipéir sin go bhfuil muca ag daoirsiú …
A's 'ar ndú mara bhfuil cé'n mhaith iad. Is deas an éadáil iad le bheith
ag tabhairt dhá phighinn ins an ló orra / Diabhal an féidir go ndaoirseo-
chaidh siad tuilleadh. Má dhaoirsigheann muis, fágtar annsin aca féin
iad agus imigheadh muid ins na cosa buínn. Is iomdha fear maith ariamh a
mb'éigin dó imeacht ins na bonnaidheachaí /['Sé an chéad-fhear i gcomhnuí
é a dhaoirsigheas 'chuile rud. Níl aige ach leide a fháil go bhfuil rud len a
árdú, agus daoirseochaidh sé ar an toirt é. Is beag is mian leis an gcneagaire
a thabhairt muis ar an rud a bhéas sé a cheannacht uait. Dheamhan
"stickéara" gan chrochadh is measa ná é ar an gcaoi sin / Níl siad ag
daoirsiú tada hébrí céard a dhéanfas siad faoi shaoirsiú. Ach b'fhéidir
amach annseo i dtús féir go dtiocfadh beagán orra. Duine ar bith atá
i dtuilleamaí beithidheach anois, is fear gan forás é]/ Daoirsigheann an
mhóin taca an ama seo 'chuile bhliain. An uair a theangmhuigheas
cruadhas an Mhárta le na sean-ágóideacha níl déanamh d'fhuir
-easbhaidh an fhóidín móna aca. Is maith leo na luirgne a bhreacadh go maith
— scadáin a chuir ionnta — le faitíos nach mbéarfaidís ar bhliain eile! /
Le h-anam do mhairbh, ní féidir go bhfuil siad daoirsighthe arist. Agus mé
ag déanamh tíobhuis le mí le luach sean-dúda eicínt a chur i dtoll a
chéile. D'imigh an diabhal orra thrín a chéile, adeirimse /

daoradh = Briathar. Aidiacht-Bhriathar = daortha, daorta.

Daoradh = cionntú; tligean; breitheamhnas báis nó príosún len a shaoghal nó droch-phionús mar sin a chur ar dhuine i gcúirt; cruthú a thabhairt go bhfuil duine cionntach.

"Annsiúd a chífeá an diabhal in a sheasamh: scála thrín a láimh agus é ag fuarú braiche leis; 'Cur tart ar m'anam agus dhá dhaoradh; agus dhá chur go h-Ifreann ag fuilingt na bpianta". [As Aithrighe Sheáin De Barra] /

"Éistigidh liom go n-innsighidh mé scéal daoib: Cé na trí nídh is mó le na peacaidhthe a dhaeradh". [As Aithrighe Sheáin De Barra] /

Tá siad ag iarraidh é a dhaoradh. Is maith an aghaidh sin ar an ruifíneach, má tá i ndán agus gur thug sé droch-chor dhá bhean. Níor mhaith liom a bheith in a bhróga anois. Tá sé indroch-arán /[Daorfaidh sib mé nó is cinneamhaint oraibh é. Is maith an scéal dom nach tú an bréith(eamh) a Ph. Badh tusa féin bréith(eamh) na h-éagcora, dhá mbadh tú / Daoradh é, agus tligeadh 'un báis é. Maitheadh dhó ina dheidh sin é. An sean-L. a thug ó'n gcroich é. 'Sé a bhí deas air!]/ Daoradh é ach dubhairt siad go raibh saobhchan céille air, agus cuibhrigheadh é. Dheamhan steamar eile ad'eirigh dhó, th'éis go ndearna sé spólaí dhá mháthair. Dá mbeinnse i gcathaoir an bhréith(imh), bheadh scéal aige air. D'fhéadfá a rádh nach mórán scruball a bheadh orm faoin a dhaoradh. D'ordóchainn tuagh an bhéil mhóir a fáil — an tuagh a ndearna sé féin an choir léithe — agus é a cheangal béal faoi ar bhord, agus gan mion-mullóg dhó (: dhe) a fhágáil indiaidh a chéile leis an tuaigh … Dar a shon go n-agróchadh Dia orm é ach an oiread agus a d'ágruigh Sé airsean é.]/ Sin í a gceird: iad féin ag daoradh a chéile. Ná bac le gasúir! An té a thiubharfas áird orra is measa é ná iad féin / Níl aon-tsásamh aige ann le cupla lá an uair nachar daoradh fear Chiarraidhe. Chaith sé an tseachtain ag guidhe len a bhás. Thapuigheadh sé an t-am a dteagadh an "nuaidheacht" 'chuile thráthnona (: an páipéar). "'Bhfuil sé daorta fós" adeireadh sé. Bhí sé dhá bheo-phianadh ceart 'nuair nach raibh siad dhá thligean de ghort an gharta / D'imigh an tubaiste ar an teach sin thíos. Níl aonduine ins an tír nach bhfuil daorta ann. Dhá bhfaghaidís cead a gcomhairle féin, dheamhan mórán a bheadh ins an gcomhaireamh ceann. Bheadh an tír crochta aca. / Ná bac leis an dlí sin! Nach raibh an dithreabhach bocht sin daorta, shul á tugadh isteach ins an gcúirt ariamh é. Dheamhan blas fios aca sin ar dhlí ach an oiread agus atá agamsa nach raibh i gcúirt ná i gcaibidil ariamh. Ba ghnaoidheamhla go mór dhóibh breith ar an bhfear sin agus a chrochadh as láimh, ná cúirt mhuga-maga mar sin a chur air /[Baoghal air siúd é a dhaoradh. Dheamhan daoradh muis ná dhá mbeadh marbhú duine air. Nach ndearna sé coir a chrochta cheana, agus dheamhan faocha a rinneadh air]/

daoradh = ainm-fhocal, buineann, iolraidh = daoraidheachaí, daoraí.
Daoradh: scríbeanna reatha nó "bases" atá ins an gcluiche cor nó ins an gcluiche "deis" nó ins an gcluiche daoraí. Tá trí cinn aca ann: an daoradh bualadh, an daoradh reatha agus an daoradh teacht abhaile. Bíonn daoradh eile in áiteachaí: an daoradh clis. Ní mara chéile baileach an dlí atá air is gach uile áit ar fud na Gaillimhe. Is déine na rialacha in áiteachaí thar a chéile. Buailtear freisin é i gceanntarachaí an Bhéarla agus "rounders" a tugtar air. Bhíodh sé aca ins na príosúin agus ins na campaí géibhinn a bhí ins an tír seo le linn na gcogaí a bhí ann, tá seal ó shoin, ach cuirtí athrú mór air thar agus mar atá sé ins an nGaedhealtacht. Féach cur síos air "Obair agus Luadhainn" (Ó Gaora) lc. 215-217, agus an "Béal Beo" (Ó Máille) lc. 134-135, fc. freisin "cluiche cor" ins an gcnuasach seo

Bhí mé idteannta ar an daoradh reatha agus gan neart agam corruighe, mar bheinn dóighte aige ar an toirt leis an liathróid. / Bhuail sé mé ar an daoradh teacht abhaile, ach bhí mé "ins an mbaile" mar sin féin. Ba mhian leo a shárú siar in mo bhéal go raibh mé dóighte, ach dheamhan dóghadh ná dóghadh. Bhí mé istigh ar an daoradh shul ár theangmuigh sí liom / Ní chuirfidh siad ó dheis muid an "trip" seo. Tá boc dalba ag an gcaiptín se'againne. Beidh muid ar fad ar an daoradh teacht abhaile shul a bhéas aonduine aca 'fhoisceacht mbeannuighidh Dia dhi. / Ní shin é an chaoi a bhfuil sé in áiteachaí eile chor ar bith. Má chuir-eann siad an liathróid ar chúla an daoradh féin ní bhíonn tada dhá gcaillteamas leis. Ach sílim gur deise é mar atá sé againne / Bhí sé cuibhrighthe ar an daoradh clis i gcaitheamh an lae, agus é ag cinneamhaint air corruighe di. ['Chuile uair dhá leigeadh sé leis fhéin, bhíodh sé dóighte ar áit na mbonn. Ba shin é an deasú air. Níl aon-ár go deo ach a ndearnadh de mhagadh faoi. Ní mór do dhuine acmhuinn a bheith aige le "deis" féin]/ Tá boc thar cíonn aige ach mar sin féin is corr-uair a theagas sé abhaile glan-eascartha ó'n daoradh bualadh. Tá sé ro-fhaiteach agus iad seo eile ro-imeartha. / Choinnigh sé annsin ar an daoradh é gan goir aige corruighe = choinnigh sé beo-phianta nó idteannta, nó sáinnighthe é [samhail as an gcluiche corr. Deirtear é corr-uair le duine a mbeadh faitíos air rud áirid a dhéanamh, mar go mbeadh fios aige cho luath agus a dhéanfadh, go saimhseochadh nó go sáinneochadh an té údan eile é.] Is fadó an lá a bheadh sé caithte amach ag S. ach go bhfuil sé ar an daoradh aige. Tá a fhios aige cho luath agus a chaithfeas, go bhfáiscfidh sé dlí air faoi'n airgead. Tá sé idir ord agus inneoin ceart. Tuilleadh ghéar chascartha do'n mhíádh aige /

daor (Daora) (aor?) = Ainm-fhocal, fireann [níl sé ach ins an t-aon-leagan]
Ceangal na naoi ndaora = cuibhreachaí do-scaoilte; ceangal na gcúig chaol [i sean-scéal measaim a thionnscail sé. Tá sé i roint de na sean-scéalta].

"Chuir sé ceangal na naoi ndaora (n-aora?) go daor agus go docharach air, gur fhága sé laidhricín a choise ag déanamh seanchuis le poll a chluaise". [Sin gnáth-sheoraidhe cainte le cur síos ar cheangal i sean-scéalta] / Déanfaidh sé fearacht Chéadtaigh leat: ceangal na naoi ndaora go daor agus go docharach a chur ort, nó go mbeidh laidhricín do choise ag coinneál seanchuis le poll do chluaise /[Chuir mise ceangal na naoi ndaora ceart uirre indiu. Ní bhfuair mé aon-tíoráil ariamh ach í a sháinniú. Marach putaichín beag le M. a casadh an bealach, bheinn in mo bhambairne. Ach mise i mbannaí dhuit nach mbrisfidh sí an chromnasc atá anois uirre. Ní bhrisfeadh ná Goll Mac Móirne]/ Tá bulán annseo thíos agam agus níl aon-gharrdha gabhann in Éirinn indon é a chuibhriú. Tá a bhfuil de chlaidheachaí ag gabhail liom leagtha go talamh aige. Níl a fhios agam faoi sheacht ranna an domhain cé'n súnás atá air. Dhá mbeadh sé ag fáil ocrais is mór adéarfainn, ach tá sé go bolg i bhféar 'chuile lá dá n-eirigheann ar a shúil. Ach déanfaidh mise cleas leis: cuirfidh mé ceangal na naoi ndaora air, go mbuailidh mé a smut ar a chrúib agus a chrúib ar an talamh, agus sin ní fhágfaidh sé nó go n-athruighidh sé béasa / Ach a bhfaghaidh mise greim ar an druinníneach asail sin aríst tiubharfaidh mise luach a chuid bóithreoireacht' dó. Coinneochaidh mé seachtain ar stábla é gan greím, deoch ná bhlogam, agus annsin tiubharfaidh mé amach é ins an ngarrdha is creínnte ag gabhail liom, agus gheobhaidh mé rópa ruadh, agus cuirfidh mé ceangal na naoi ndaora air, go gcoinneochaidh a smut seanchus leis an gcréafóig. M'anam gur leis an gcréafóig a choinneochas sé é, mar go gcuirfidh mise ingarrdha é nach mbeidh aon-fhuínín (: fhoinín) féir de bhiadh na talmhan' ann /[Chuala mé go mb'éigin ceangal na naoi ndaora go daor agus go doch-arach a chur ar an bhfear dubh seo thuas ins an oíche Dé Domhnaigh. Bhí braon ins an stuaicín aige in áit a raibh sé thiar ag na cleamhnaidhthe, agus ar a theacht aniar dó, ba mhian leis a dhul suas agus píosaí pighne a dhéanamh de lucht an aird. B'éigin glaodhach ar cheathar len a cheannsú … Dar mo choinsias, ar a mhaga sin féin, b'éigin a cheangal. Bhí sé ag strócadh ag iarraidh a dhul suas. 'Ar ndú mo léan dá dteigheadh, gheobhadh sé froisín thuas. Siúd iad na diabhail chéadna nach mórán éisteacht' a bheadh aca leis]/

dallach dubh = ainm-fhocal, fireann, níl aon-iolraidh aige.
dallach dubh = (i) is cosamhail gur sórt púicín é ó cheart ach má bhí an chiall sin ariamh leis, tá sí seirgthe anois ins an gcaint. Ní bhíonn i gceist i gcaint ach ciall a (ii); (ii) dalladh mullóg, dalladh púicín, smearadh mogaill, ciméar, slám; an chluain Mhuimhneach, dóigh mhagadh a dhéanamh de dhuine, an fhírinne nó an scéal a chur as a riocht ar dhuine; imeartas ar dhuine; an cluithche claonach a imirt ar dhuine sop na geirthe a chuimilt do dhuine.

[Chuir sé an dallach dubh ort. Breagh ar ghéill tú dhó. Nach simplí an mhaise dhuit é feasta choidhchin. Ag tabhairt scilling do shumachán nach raibh aithne ná eolas agad air, ar chunntar go dtiubharfadh sé cigarettes agad. Bhí baoghal air go deimhin. Tá tú réidh le do scilling anois. Caith sneachta ar a lorg = gheall an gasúr dó go raibh a fhios aige féin áit a bhfuighfí tuitíní, agus mheall sé scilling ó'n bhfear]/ Tá sí ag cur dallach dubh ceart air. Teagann seisean sé mhíle bealaigh "ag comhrádh" léithe gacha le oíche agus fear eile in éindigh léithe 'chuile oíche eile de'n tseachtain. Ní cheal muise nar h-innsigheadh dó sáthach minic, cé'n aisiléaracht atá uirre … /[Go bhféachaidh Dia ort a dhuine sin! Chuirfeadh sé sin dallach dubh ar Rí na Méaracán, ní hé amháin ortsa. Tá sé glanta leis anois i bpas eicínt siar go ndéanaidh sé nead i gcluais duine eicínt eile. Níor chás duit é chor ar bith ó bhí sé cho saor sin agad: coróin agus punt. Deir siad gur thug fear as M. h-ocht bpunta dhéag dó ar an gcuntar céadna … fuair muis. Tugadh sé buidheachas le Dia nach tuilleadh a thug sé dhó]/ Bhí S. gróigthe istigh chois an teallaigh agus 'chuile chosamhlacht air go mbadh é a chaladh ar feadh na h-oíche é. Nach diabhaltaí an dallach dubh a chuir an ceann eile ar in a dheidh sin, an uair a thosuigh sé ag saghdadh faoi, agus gur eirigh sé agus gur dheisigh sé an sean-bhicycle nacharb fhéidir a dheisiú ar maidin má b'fhíor dó féin. Dheisigh, a mh'anam, agus lasc leis an mbeirt siar ar an T. ag céilidhe / 'Séard déarfainnse leat a dhéanamh ar chaoi ar bith má tá do leas ar Dhia, gan an áit sin a thaobhachtáil níos mó. M'fhocal duit go gcuirfí dallach dubh ar an nGaduidhe dubh annsin. Ach oibrigh ort go bhfeicidh tú … /[Ara ab é an fear a bhuail dallach dubh ar shagart an pharaiste! Thug an sagart punt dó an uair a chuir sé an béal bocht air fhéin go raibh an bhean agus an chlann i ngéar-chall. D'imigh leis agus d'ól sé é]/ M'anam muise gur fear é atá ag ritheach ar thanuidheachan. Má bhuaileann sí siúd sciorta de'n dallach dubh air, go mbeidh scéal aige air. /

Tá siad ag cur dallach dubh críochnuighthe air síos annseo. Ní beo é
go dteighidh sé ann, agus teagann sé abhaile i gcomhnuí len a bholg bréaga.
Cuirfidh siad thar bharr a chéille ceart leis an gcumadóireacht é / Bheadh
S. sin ar siubhal go gcuirfeadh sé dallach dubh ar Chearrbhach na Súgáin.
Tá an diabhlánach indon na cártaí a dhathú. Marach go bhfuil, ní bheadh
buadh imeartha aige mar atá. /["Níor mhaith liom do bhris" adeirim féin leis.
"Chreidim gur buaileadh an dallach dubh ort faoi'n gcruaichín mhóna. Diabh
-al neart air. 'Sé J. F. an buachaill ag daoine simplí". Spréach sé.
Spréachann sé má chásuighthear chor ar bith leis é, ní áirighim a chású
leis mar a rinne mise!]/ Nach len a aghaidh sin atá sí ann. Cé'n
mhaith di a bheith in a bean leanna mara bhfuil sí indon an
dallach dubh a chur ar dhaoine. Sin é a gceird sin ar fad: thú a
choinneál ar stropadh go gcaithidh tú an chianóig dheireadh. Bóthar
agus bata a thabhairt duit annsin. Is cóir adubhairt an té adubhairt é
: "Agus a liachtaí teach ósta ar ól mé ariamh coróin ann
Agus nach dtiubharfaidís dom lóistín na h-oíche" / Nach air
a bhí an dallach dubh a dhul ag pósadh na h-ágóidín sin! /

dóighteán = ainm-fhocal, fireann, geineamhnach uathaidh agus uimhir iolraidh = dóighteáin.
dóighteán (: fc. Foclóir an Duinnínigh "Dóighteán", ach níl an chiall sin annseo)
= teine mhór; teach, cruach choirce, fhéir, sliabh, coill nó a leithidí thríd
lasadh; loscadh mór; an rud a dtugtar "fire" nó "conflagration" air i mBéarla.

Ba diabhaltaí an dóighteán é má dóigheadh an teach agus na stáblaí uiliog / Bhí
dóighteán mór thart síos anuiridh agus dóigheadh muirín ar fad ann. Níor
tháinig deoruidhe an bhéil bheo slán as. /[Bheadh dóighteán ann agus dóighteán
dháiríre marach an chaoi ar tapuigheadh é. Bhrath duine eicínt an deatach,
as an mbun-tsop. Suas leis. Bhí an bun-tsop thríd lasadh. D'fhuag
-air sé ar chongnamh. Bhí an lasair déanta siar leis an mbun-tsop
ar fad, ach is gearr a bhí siad dhá mhúchadh in a dheidh sin, go leigidh Dia
slán an conghnamh. Dhá gcairthigheadh sí amach ins an díon chor ar bith
loiscfeadh sí an dá theach agus an iothlainn]/ Tá an-dóighteán
amach annsin in áit eicínt. Tá an spéir uilig lasta aige. Meastú nach
loscadh sléibhe é. Má 'seadh níl sé le feiceál / Tá dóighteán
mór de theine agaibh — teine bhreagh ina craiceann! = [is annamh a tug
-tar dóighteán ar theine an teallaigh]

déag, céad-déaga = ainm-fhocal, fireann, iolraidh = déaga

déag = ins an gcomhaireamh ó dheich go dtí scór nó fiche le uimhreachaí. [Níl triocha, ceatharcha, caoga agus rl. i gcaint. Déantar an comhaireamh i gcomhnuidhe le déag. 31 = aon-cheann déag agus fiche; 53 = trí cinn déag agus dhá fhichead; 78 = h-ocht gcinn déag agus trí fichid; 95 = chuig cinn déag agus cheithre fichid; 136 = céad, sé cinn déag agus fiche; £35 = chúig phunta dhéag agus fiche; £57 = seacht bpunta dhéag agus dá fhichead; 76 uibheacha = sé h-uibhe déag agus trí fichid; 99 uaireannta = naoi n-uaire déag agus cheithre fichid; 38 blianta = h-ocht mbliana déag agus fiche; 13d = trí pighinn déag; 14d = cheithre pighinn déag; chúig phighinn dhéag; scilling agus tuistiún (cheithre buinn); scilling agus chúig phighne; h-ocht bpighinn déag (1/6); scilling agus seacht bpighne; scilling agus h-ocht bpighne, agus rl.; (Mar sin a comhair-tear airgead i gcomhnuí ó scilling go dtí dhá scilling); 31s = h-aon déag agus punt; 32s = dó dhéag agus punt agus rl; 51s = h-aondéag agus dhá fhichead agus rl; 71s = h-aondéag agus trí phunt, dó dhéag agus trí phunt etc; 94s = cheathar déag agus ceithre phunt, trí déag agus ceithre phunt etc; 115s = cúig déag agus chúig phunt (chúig phunt cúig déag) agus rl; £6.11s = sé phunt h-aondéag agus rl., £7.15s = seacht bpunt cúig déag (cúig déag agus seacht bpunt) agus rl.; 11s = h-aondéag; 12s = dó dhéag; 13s = trí déag etc. [Mar sin a chomhairtear scilleachaí]; 74 bó = ceithre bhó dhéag agus trí fichid agus rl.]

Tá sé ins na déaga = aois ar bith idir aon-bhliain déag agus scór / Tá sé ins na déaga agus fiche (31-40), ins na déaga agus dá fhichead, ins na déaga agus trí fichid, ins na déaga agus cheithre fhichid / Chráin-fhear ins na déaga agus dá fhichead a bhí ann an uair sin / Tá bun-aois mhaith aige. Is ceart dó a bheith ins na déaga agus dá fhichead / Gheobhaidh sé siúd aois na h-Úire agus na Caillighe Béara. An bhfeiceann tú cheana ins na déaga agus cheithre fichid é go h-árd, agus gan stró ar bith air faoin a dhul ag an Aifreann fós / Tá na déaga agus trí fichid sáruighthe aige. Fainic nach bhfuil na cheithre scóir féin fágtha in a dhiaidh aige. / Go dtugaidh Dia ciall duit! Is deas iad mo h-ocht mbliana fichead! Amach go maith féin atá sé ins na déaga agus fiche [amach go maith ins na déaga agus fiche = "in his late thirties"] / Tá sé ins na déaga agus dá fichead ar éigin = tá sé ag breith amach ar na déaga agus dá fichead = tá sé isteach ins na déaga agus dá fhichead = níl sé mórán ins na déaga agus dá fhichead fós = "middle forties" /[Bíodh unsa céille agad. Ní fheicfidh sé na déaga agus fiche aríst go bráth. Níl a fhios agam nach bhfuil an dá scór féin bailighthe go h-árd aige. Tá sé in a chraibeadán mar sin ó rugadh é / Níl sé ins n{a} déaga agus fiche fós]/ Tá sé as na déaga ar chuma ar bith. Tá agus go ma{ith}

tá an scór scoithte aige. /[Bhí sé as na déaga shul á ndeachaidh treabhsar air. M'anam go mbíodh sé ag dul thart annsin le na chóta dearg agus é in a chliobaire mhór shínte. Chonnaic mise tuithte ar meisce é faoin a chóta dearg. Sin é an chaoi a raibh 'chuile dhuine an uair sin. Ní maith go mbíonn siad coiscthe de'n chích anois an uair a bhíos brístín glúnach fáiscthe thuas orra …]/ Th'éis an aoirde atá ann, dheamhan a bhfuil na déaga caithte fós aige / Céad slán do'n tsaoghal sin féin an uair a bhí muid in ar mbrithin (: bithin — r. sciorrthach) óg. Bhí muid ins na déaga an uair sin. Shíl muid nach mbeadh muid in oirifeart go bráth, ag caitheamh píopa, ag ól, ag dul ag damhsaí. Is beag an tóir atá ar dhamhsaí indiu againn. Is amhlaidh é: 'nuair a chríonas an tslat, is deacair a sníomh in a gad … / Tá sé bailighthe an scór muis. Is gearr a d'aireochthá na déaga ag sciorradh uait / Ó a bhéas siad ins na déaga chor ar bith (: gasúir), ní airigheann na daoine ag sceinneadh amach in a bhfir iad. Ach ní mara chéile uiliog iad sin féin. Cuid aca a mbíonn an-bhiseach fútha, agus cuid eile nach ndéanann aon-bhiseach chor ar bith. De réir mianach an duine a bhíos sé /[Tá greim an fhir bháidhte aige ar na déaga fós, ach is gearr go mbaintear é anois = é ionann agus scór; é ins an mí dheireadh de na naoi mbliana déag]/ Tá na déaga caithte aige! Tá a mh'anam agus faoi dhó, nó is dó is goire é. In a dhubhradáinín dona mar sin atá sé ariamh / Sin iad na déaga eile! Ní taobh le na déaga atá sé feasta choidhchin. M'anam gur beag an baoghal. Bhí a athair pósta cho luath liomsa / Má bhíonn fear thar na déaga chor ar bith bíonn sé in ínnmhe. Ní raibh mé cho maith ariamh agus a bhí mé in aois m' fhiche bliain. /

Céad-déaga (céad-éagadh?) = droch-ualach a thiocfadh ar dhuine a bheadh ag saothrú báis. Sílfí go mbeadh sé básuighthe agus chreidtí go mbíodh. Ba mhinic a bhíodh an duine as cionn cláir an uair a bhíodhgfadh sé suas aríst. Thosóchadh sé ag caint. Gheobhfadh sé deoch, annsin bhásóchadh sé faoi dheireadh agus faoi dheoidh; treisiúch mhara(?); a dhul as compás le rud ar bith; a dhul thar t'fholann; thart.

"An raibh tú ins an nGréig nó an bhfuil aon-scéal agad ó'n Spáinn
Nó ab iad na céad-déaga a chuir "écliops" (éaglam?) isteach in do cheann"

[As amhrán a rinneadh ins an Lochán Beag, An Cnoc, tuilleadh agus céad bliain ó shoin] /[Ní bhfuighidh sé sin aon-bhás choidhchin. Beidh sé ag dul ins na céid-déaga mar sin, agus ualaigh ag teacht air, agus é ag díriú aniar aríst ag caitheamh gail de'n tsean-dúda. Nach bhfuil sé ag saothrú báis ó a rugadh mé agus

dheamhan bás ná bascadh fós air]/ Chuaidh S. Bh. a bhí annseo thoir ins na céad-éagadh. Sílimse go raibh sé as cionn cláir an uair a shuidh sé aniar aríst agus a rinne sé caint eicínt. Ar an dá luath agus ar tugadh deoch dó, shéaluigh sé / Bhíodh an-chaint ar dhaoine a dhul ins na céad-déaga fadó, ach ní chloisfeá caint ar bith anois air. 'Sé'n chaoi a raibh siad an uair sin, ar an dá luath agus a bhfeicfidís ualach ar bith ag teacht orra, chuir-fí na h-ordógaí orra ar an bpuínte. Badh é a scil ann é, badh é sin /[Chuaidh do shean-athair — 'ndéanaidh Dia trócaire air! — ins na céad-déaga. Bhí siad ar thob a leagan amach an uair a tháinig mothú ann in ath-uair, agus ghlaoidh sé ar do shean-mháthair agus ar t'athair. Chaith sé caint eicínt leo. "Gheobhaidh mé bás su(a)ímneach anois," adeir sé. Thuit sé siar agus níor fhan deoir ann níos mó]/ 'Ar ndú má's fíor do na sean-daoine ghnídís udhachtaí fadó ins na céad-déaga. Is beag na céad-déaga atá ann anois, ach thú fuaduighthe ag an séipéal cho luath agus a aireochthar an anáil imighthe asad. Ní fhéadfaidís gan rud eicínt a theacht orra an uair sin. Nach gcoinnighidís seachtain dhá dtórradh iad / Chuaidh 'chuile dhuine de'n chine sin ins na céad-déaga le aois. An bhfeiceann tú an deirbhshiúr eile atá aice. Tá sí deich mbliana fichead ag tarraingt an phinsean agus is maith an mhaise dhi fós é. /[Tá sé ins na céad-déaga le slaghdán = tá an slaghdán go dona air / Chuaidh sé sin, an uair a bhí sé in a pháiste bheag ins na céad-déaga le convaidhlsiuns (: convulsions). Ba mhinic nach rabh a fhios a imeacht nó a theacht dó. Chuir mé trí thuras air ag tobar Cholm Cille dhá dtugadh Dia biseach dó. Thug, míle buidheachas Leis Féin. Shrian sé as th'éis liostachais fhada. Sílim dheamhan áird ar na turais aige in a dheidh sin, aindeoin go mbíonn muid ag strócadh leis ag iarraidh air a gcur dó (: dhe) / Is minic fadó a bhíodh páistí ins na céad-déaga le na "convaidhlsiuns" / Chuaidh sí sin ins na céad-déaga leis an bhfiabhras. Bhí déanta len a bás ag dochtúirí agus ag 'chuile dhuine. Ach is cosamhail nach raibh an t-imeacht uirre in a dheidh sin. 'Sí atá luath láidir indiu th'éis a clann a bheith tóigthe aice / Tá an scanrachán seo thoir ag dul ins na céad-déaga le obair. Nach dona na gnaithí atá air a bheith dhá chur fhéin thar fholann mar sin. Sínfidh na clochair siúd leis, feicfidh tú féin air. Níl rud ar bith indon fear a shníomh, ach ag briseadh cloch. /[Tá sé ins na céad-déaga ag an damhsa. Dheamhan damhsa ó a tháinic oíche nach raibh sé amuigh air. Oibrigheadh leis!]/ [Ní abruightear "tá sé ins na céad-déaga le gáire"]

díreach = aidiacht

Díreach = cotarsna cam; gan a bheith cam; cneasta, macánta; barrainn-
each; ingearach, géar; gan mion-airgead, mion-mheadhchan agus rl. le cois a bheith
ann, agus rl.

Tá sé cho díreach le dorugha, le urchar gunna, le saighead as bogha, le slat
sailighe, le grásta Dé agus rl. / "Arán cam a ghníos bolg díreach" = sean-
fhocal = má fhaghann duine a sháith le n-ithe — is cuma cé'n fuint a bhíos
air — beidh a bholg sleamhain lán agus ní bheidh aon-ghleannta ná aon-tslabhc-
adh ann = déanann biadh duine sáthach / "Arán cam a ghníos bolg
díreach" adeir an Chailleach Bhéara. "Thug tú éitheach a chailleach"
adeir an buachaill "Ní h-eadh, ach a fháil ar bord go bhfaghaidh
tú fuighleach" [cuid de'n aighneas a bhí ag an gCailligh Bhéara leis
an mbuachaill] /[Ith suas é, agus altuigh Dia go bhfuil sé agad. Ar chuala
tú ariamh é: arán cam a ghníos bolg díreach]/ Sin é an peata. Ní
íosfadh sé an stiallóig aráin in áit a bhfuil ailp bainte as a ceann.
Go dtugaidh an diabhal thart é ní dhá thiomaint é. Níor chuala tú ariamh
go ndéanann arán cam bolg díreach /[Sin é an bóthar díreach go
Baile Átha Cliath = an bóthar mór]/ Má's cam díreach an ród sé an
bóthar mór an t-aithgiorra (sean-fhocal) / Tá an t-árd sin an-
díreach = géar / Níl an aill sin ag caitheamh, chor ar bith. Tá sí díreach /
Is diabhlaí díreach an fánán é sin / Is maith díreach an mhóin í. 'Sí
an mhóin uicht is dírighe in a dheidh sin. 'Sí, agus is seasmhaighe / Is breagh
díreach an claidhe é sin. Rinne sé go slachtar é / Bhí an chóir díreach
ar an aighre (fc. aighre) / Chuir sé i gcoinne an cham agus an díreach é [I
gcuid de na leagain atá ar scéal an Ghobáin Saor deirtear gurb sheo
ceann de na rudaí ar chuir an Gobán fios air abhaile agus é ag déan-
amh cúirt an Rí. Déarfaí scaithtí le gasúr nó le duine simplí é]
[Is diabhlaí simplí a bhí tú fadó agus thú in do ghasúr. An t-am a
raibh mé ag déanamh an teach cairr thuas, cuir mé síos thú go
dtí T. ag iarraidh an cam agus an díreach. Spréach sé. Nachar chaith
sé rud eicínt leat / Níl a fhios agad céard é sin. Cheal nach
bhfaca tú ariamh é. Sin é anois an cam agus an díreach! Aithn
-eochaidh tú féin aríst é!]/ Níl aon-cheo faoi'n domhan nach bhfuightheá
annseo. Go fiú agus an cam agus an díreach féin tá sé ann. Iarr é má

thogruigheann tú! / Tháinic sé díreach ó theach an dearbhráthra / Ag dul díreach go Sasana atá mé anois /[Chuaidh tú díreach thar an áit anois. / Bhí sé díreach ar an gcaoi chéadna a raibh mise / Tá sé díreach mar bheadh duine ann a mbeadh saobhchan céille air / Beidh mé díreach ag dul abhaile anois]/ Beidh mise díreach leis = ní bhfuighidh sé aon-bhantáiste ormsa, nó má tá indán agus go bhfuair sé cheana aon-bhrabach orm, gheobhaidh mé an oiread céadna de bhrabach air sul a mbí mé réidh leis /[Fág an buachaill sin fúmsa. Dá fhada dá rachaidh sé, beidh mise díreach leis]/ Tá mé díreach leis anois = ní íosfaidh mé níos mó; tá mo dhíol ithte agam / Ná gludh (: glaoidh) aon-phionta eile dhomsa. Tá mé díreach leis anois — tá sin. Dá n-ólainn níos mó bheadh ceann thar an gceart ólta agam / Tá mé díreach leo anois. Ní chaithfidh mé aon-"fag" eile anocht. Tá mé rodtha in mo stéigeacha aca / Ní bheidh scoilteadh ná scoilteadh anois ann. Bíodh sí ar an airgead díreach nó fág do dhiaidh í. [An gceapann tú go gcaithfidh mise an lá ag stangaireacht annseo leat. Tá rud ar m'aire thairis] [An t-airgead díreach = punt, dhá phunt, trí phunt agus rl., gan aon-scilleachaí corra a bheith ann] /[Tabhair an t-airgead díreach air — h-ocht scilleacha. Ní bheidh pighneachaí corra ar bith ann. Dheamh -an é / Dhá seasainn uaidh agus a dhul go bun an amhgair leis gheobhainn ar an airgead díreach é, ach bhí leisce orm a bheith ro-dhanra críochnuighthe leis / Tá sé agad anois — dhá chloich meadh ar mheadh. An dtóigfidh tú an meadhchan díreach nó an mbainfidh mé chupla punt as. Do roghain féin anois]/ Sin caint dhíreach = caint chneasta / Níl aon-fhocal díreach aige sin chor ar bith / Tháinic sé díreach ar a threibh = tháinic sé díreach ar a chine = teacht ar shliocht nó síolrú ó dhuine. /[Tháinic sé sin díreach ar chine É. Mh. Cheal nachar chuala tú é ag déanamh gaisce as ariamh. M'anam go ndéanann an uair a bhíos aon-bhraon caithte aige]/ "Tháinic mise díreach ar threibh R. Mh. A. Uí Fh." arsa seisean. "Is furast' aithinte gur tháinig tú díreach ar threibh aidhbheirseora eicínt" arsa mise / Is tú atá ceart go díreach = tá tú ceart gan tada chuige ná uaidh / Chúig phunt a bhí agam díreach ag dul isteach, ach níl a fhios agam barrainneach cé mhéad a bhí agam ag teacht amach / Tá tú díreach ceart = ceart go barrainneach / Sin é go díreach = sin é go díreach glan = go barrainneach; go dearbhtha.

daingnidheacht = ainm-fhocal, buineann
daingnidheacht = daingniú. (cf. daingnigh)

Níor chuir tú aon-daingnidheacht ar an dorus = daingniú.

Dug = céibh mhór (nó roint céibheanna in aice a chéile) a dtiocfadh longa isteach uirre. [Iolraidh — dugannaí; geineamhnach béal an duig]

dugaera, dugadóir — ainm-fhocal, fireann.
dugaera, dugadóir — fear a bhíos ag obair ar dhug nó ar dhugannaí, ag luchtú agus ag falmhú long go h-iondamhail. Bíonn siad le obair eile scaithtí

Déileáil — ainm-fhocal, buineann, tuiseal geineamhnach — déileála
déileáil = ceannacht earraidhe i siopa [focal an-choitiannta é mar sin]; plé; baint; coidreamh; láimh-isteach. [Ó'n mBéarla "deal", ach níl an chiall leis "he deals in flour" leis. Fuaimeanna na Gaedhilge atá ar na leitreacha]

Cé'n siopa a mbíonn sí ag déileáil ann anois. Ghníodh sí déileáil cuid mhaith ins an siopa ó dheas, ach chuala mé gur athruigh sí ó thuaidh le goirid, má's fíor é, nó nach fíor / Ba shonnda an mhaise dhomsa a dhul ag iarraidh cáirde air, lá agus nach mbím ag déileáil chor ar bith aige. Dá mbeinn, ní bheadh cás ar bith orm an cháirde a iarraidh air /[Ní dhearna mé aon-déileáil ariamh ag L. Ó. C. ach déileáil fhánach. Is mó go fada a rinne mé ins an teach ar a aghaidh. Ach b'fhearr liom in a dheidh sin a dhul go dtí L. Ó. C. agus teastuigheadh rud uaim ná ag an gceann eile. Tá croidhe mór ag an gC., rud nach bhfuil ag an bhfear eile, agus nach raibh ariamh / D'eirigh sé as a bheith ag déileáil ann ar fad. D'airigh sé ro-dhaor é chreidim. Féadfaidh fear an airgid a dhul in a rogha áit. Bíonn sé teann / Sin é an teach a bhfuil an tír ag déileáil ann. Maidir len a bhfuil ag déileáil ag an dream eile, 'sé cuid an bheagáin é. Annsiúd atá a n-aghaidh uiliog]/ Déileáil dona a dhéanfas an dithreabhach sin in áit ar bith. Tá sí bocht, agus is dóigh nach mórán iarracht a bhíos ag lucht na siopaí uirre. Fágann sí fiacha in a diaidh is 'chuile áit / Ní liomsa is fhearr dó muise a dhul ag déileáil, mara bhfuil sé ag tuaradh srón bhriste dhó féin. Má tá, beidh fáilte roimhe = plé / Ná bíodh aon-déileáil agad leis an mbean sin chor ar bith. Tá an ghleacuidheacht ag imeacht len a cineál fré chéile, agus ní fearr le duine a mbeidh sí ag imeartas air, ná ort /

daingean: aidiacht, do-bhriathar /

daingean: docht, cruadh, do-scaoilte; do-bhainte amach, diongmhálta, teann tacamhail, spreacamhail, dubhshlánach, dingthe

[Fuaim — daingean Iarthair na Gaillimhe; daighean (g séimhighthe, "ai" ar fhuaim "adh" in "Tadhg") ar an Achréidh]

An bhfuil an dorus daingean? / Tá an dorus sin cho daingean le geata an phríosúin / Tá an áit sin cho daingean le príosún / Tá sé daingean docht (no docht daingean) annsin anois / Cuir isteach go daingean é nó tiocfaidh sé amach aríst / Sin é a bhí daingean. B'éigin an bosca a bhriseadh shul (dh)ár féadadh an glas a bhaint / Tá sí sin ro-dhaingean i dtalamh len a baint le gróití. Púdar nach mór do'n chailín sin (: aill) / A bhfuil de gheanntrachaí in Éirinn ní scoiltfeadh í sin. Tá sí ro-dhaingean / Má's leat í sin a dhéanamh sáthach daingean, (: a cur isteach sáthach daingean, a fháscadh sáthach daingean agus rl.) ní mór duit ord a fháil agus a dhul ag ordlaidheacht uirre. Is gearr le dhul do mhaoilín casúir ar an daigéad sin /[Cad ar chad, cad as cionn cad agus cad idir dhá chad agus sliogán eistre in a mhuirtéal orra: sin é an déanamh a thugadh an Gobán Saor ar a chuid ballaí. Bhí a shliocht air: ní raibh aon-bhallaí faoi'n domhan ba daighne ná iad / Nach diabhaltaí daingean a cuireadh an claibín ar an mbuidéal ola a bhí annsin an lá cheana, agus go mb'éigin dúinn pionsúr a thógáil in a éadan]/ Dhá mbeadh sé cho daingean ann i dtalamh le Carraig an Mh., bhainfidís siúd í le teann fórsa. 'Siad a bheadh deas air! / An t-alt is daingne in do chorp lúbfadh sé h-idir a ladhraicín agus mac an pheata é. Ní raibh cinneadh go deo leis an spreacadh a bhí in a mhéarachaí / Nach tú a chuir an glas-shnaoidhm (snaidhm) daingean uirre. Tá faitíos orm go gcaithfidh tú an scian a thabhairt di / Tá greim daingean ar an gcloich sin, léis (: taréis) go bhfuil sí ar bogadh le do láimh a leagan uirre / Is ar an lann atá an greim daingean istigh ins an bhfeirc, aindeoin gur beag an rud í / Tá breith daingean ag na clocha isteach ar a chéile. Is maith a cuireadh ar an scair iad, gan bhréig gan mhagadh / Tá cnoth dhaingean air / Tá glas daingean ar an dorus / Tá slabhra daingean ar an ualach sin /[Nach daingean ins an diabhal a chuir sib isteach é, le nach mbainfeadh do chumhachta amach é / Tá giall daingean (carbad d., cnámha daingeana, cosa daingeana, druim daingean agus rl.) ag an mbuachaill úd]/ Tá dúnadh daingean ar an dorus / Tá géibheann daingean ar an

splíota sin anois — istigh ar thóin an phriosúin. Coinneochaidh an áit siúd é feicfidh tú féin / Tá tathú daingean ar an tlú sin. / Tá cur-isteach daingean ar an láighe = an feac curtha ins an iarann igcruth agus nach dtiocfaidh sé amach / Tá deisiú daingean ar an mbróig sin anois. Ní scóthfaidh tú an crudh sin deirimse leat / Tá fastú daingean air anois. Ní thiocfaidh sé i mbradghail níos mó (: bulán ar cuireadh longchaird air) / Tá sé ingreamús ann sáthach daingean ar chuma ar bith le nach mbainfidh buille fánach mar sin as greim é. /

[Tá Debheléra istigh go daingean anois. Cuirigidh amach é feiceamuist / Tá na Sasanaigh istigh sáthach daingean ar na Gearmánaigh le rud le déanamh a thabhairt dóib a gcur amach]/ Tá cosa idteannta air annsiúd cho daingean agus nach gcuirfeadh tonna púdair — tada leis — as é / Tá na Ghiúdaigh sin cho daingean anois ins an tír seo agus nach féidir a mbaint as greim. / Bhí na Sasanaigh céadna an-daingean is 'chuile ceaird de'n domhan /[Tá sé sin anois cho daingean istigh ins an mbaile sin agus a bheadh sean-chrann i gcoill. Tá fréimh -reachaí amuigh aige is 'chuile áit, agus chaithfeá 'chuile ceann aca a bhriseadh, shul á d'fhéadfá a chur de dhruim seoil / Sin gaothtaireacht creid mé dhuit ann. Tá sé siúd anois cho daingean istigh ins an talamh sin, agus go gcaithfidís lán laidhre len a chur as seilbh, má's féidir a chur as seilbh. D'fhéachfadh sé a bhfuil istigh agus amuigh aca cailleadh leis an dlí / Tá greim cho daingean sin aige ar an tír anois agus nach mbuailfeadh an saoghal é.]/

Ná bíodh imní ar bith ort. Tá tú istigh go daingean innte fós. Ach má eirigheann geábh eile cho maith leis an ngeábh deire leis an dream seo, scilling spurtha a bhéas innte = scilling in imirt chártaí, agus dream ag imirt innte / Is maith daingean atá tú istigh i gcreatlaigh an phísín (sé pighne) fós. Féach le fanacht annsin má fhéadann tú. Ná cuireadh tada aiste thú = páirtidhe ag maoidheachtáil len a cho-pháirtidhe i gcártaí / Tá mé i ngreamús go daingean in do phíosa fós. Deich bpighne atá mé istigh sílim / Táir a mh'anam, agus go daingean. Coinnigh greim an fhir bháidhte anois uirre. Imir do chuid cártaí go staidéarach, agus scuabfaidh muid an "tyre" cairr (: leath-choróin) fós /

Tá sé ag sioc go daingean = go tréan, teann, láidir / Dar príosta tá sé ag sioc go daingean agus cupla iomaire "mhangals" annsiúd thíos agam gan clúdú, ná a dhath. Is dathamhail an chaoi a bhéas orra ar maidin / Tá sé ag cur sheaca cho daingean anois, agus nach mbeadh sé ionrásta

ag duine ná ag beithidheach an bóthar a shiubhal ar maidin / Siúd í an oíche a raibh sé ag sioc go daingean ar chaoi ar bith. Ghabhfadh sé thrí chlár daraighe / Tá sé ag báisteach go daingean (: "go daighean" Achréidh) / Ar chuala tú ariamh an scéal faoi'n sagart agus faoi'n mbuachaill. Tháinic an buachaill isteach agus é in a líbín. "Tá sé ag báisteach go dainghean" adeir an sagart. "Tá, agus deich míle taebh thiar de Dhaingean" adeir an buachaill, "mar tá mise th'éis a teacht as, ar mo chapall anois [Magadh focal atá ins an scéal seo. Is áit i gConamara é an Daingean. Tá sé idir Anach Mheodhain agus paráiste an Chillín. Tá eolus ar an scéal seo ar an Achréidh freisin ach "Daighean" adeirtear i leabaidh "Daingean" / Tá sé ag báisteach go daighean indiu. / Bhí sé ag báisteach go daighean orm ag teacht aniar. Báitheadh go craiceann mé / Bhí sé ag báisteach 'chuile orlach cho daingean ó mhaidin annseo agus atá sé anois. Ní dhearna sé aon-aithdeal ó thosuigh sé ag an deich a chlog. Is síorruidhe an lá báistighe é míle buidheachas le Dia /

'Sé Baile an Daighin é, má theigheann sé ann = is iongantas é má theigheann sé ann; is diabhaltaí an rud é ma theigheann sé ann (leagan Achréidh) / Ní rachaidh sé ar an aonach ambáireach leis an dá luichín siúd. 'Sé Baile an Daighin é má theigheann. Dheamhan chúig phunt a rachaidís / 'Sé Baile an Daighin é má cheannuigheann sé clog eili. Nach bhfuil an teach aige trean -nach ar tigh F. cheana le cluig. Ach ní feasach dó, ach an oiread le duine cé an chóir chaithte a chuirfeas sé ar a chuid airgid / 'Sé Baile an Daighin é má dheanann siad rud mar sin: a chuid féin a bhaint de'n duine bocht. Ní fhéadfaidís a dheanamh. Nó dhá bhféadadh, is cneamhairí ar na h-ailt na dligheadóirí. 'Ar ndú ní dadaí eili iad /['Sé Baile an Daighin é má's féidir leis éirghe i mullach na ndaoine ar an gcóir sin. Bhfuighidh (: gheobhaidh) sé maide dhá mheadh féin fós, nó is mór atá mise ag dul amú. Ach bíodh a lear air féin. An té a dheanas an t-olc is maith an aghaidh air a bhfuighidh sé féin dhe / 'Sé Baile an Daighin é mura bhfuil tú indon chúig chárta a imirt. An oiread céadna atá ugainn (: againn) uiliog, agus féachann muid len a n-imirt. Cé'n sórt am -parán de dhuine thú féin thar agus cearrbhach ar bith eili?]/

Tá tú ag caint go daingean anois = diongmhálta, cinnte, teann; ar bhealach a dtiubharfá len a innseacht go raibh fút an rud a bhí tú a rádh a dhéanamh, nó go ndéanfá maith de do rún / 'Sé a labhair go daingean. Bhí a fhios agam ar an bpuínte nach dtiocfadh aon-athrú intinne dó ó'n gcaoi ar labhair sé /

daingnigh = briathar.

daingnigh = rud a dhéanamh daingean, docht, cruadh, do-scaoilte, do-bhriste, do -oscailte, diongmhálta, do-réidhtighthe, tacamhail, teann, teangmháilte; rud a chomh-neartú; a dhéanamh spreacamhail, láidir, nó borradh leis.
[Fuaim — daingnigh — Iarthair na Gaillimhe; daighnigh — Achréidh]

Daingnigh an cnoth sin tuille ar an acastóir nó bainfidh sé. / Ní mór na bunannaí a dhaingniughadh ins an mbaile nó tiubharfaidh siad uatha /[Níl sé leath sháthach daingnighthe agam, ach cé'n neart atá agam air, an uair nach bhfuil fad méire agam len a dhaingniughadh. Is beag an mhaith fear ceirde d'fhuireasbhaidh oirnise / Mara ndaingnighidh tú an glas sin, is gearr go mbeidh do dhorus béal in áirde feicfidh tú féin air. / Is beag an daingniughadh a theastóchadh ó'n bhfuinneoig sin anois an uair a dhéanfadh sí cúis]/ Is mór an daingniughadh nach mór do'n chroich fós, shul á fhéadfas tú pota a chur uirre. Pota ar bith a chrochfaidhe uirre sin, bheadh sé anuas in do mhullach ins an teine / Bí tusa ag daingniughadh ar an taobh sin, agus coinneochaidh mise righte é ar an taobh seo … Tá an iomarca daingniughadh anois agad air / Daingneochaidh dhá chor eile é. Aire dhuit! Bhain tú an iomarca corannaí as. Tá sé ro-dhocht ar fad anois. /[Má thugann tú aníos 'ugamsa é sin oíche eicínt daighneóchaidh mé dhuit é / Níor dhaighnigh an fear céadna rud ar bith (: bith) ariamh nach scaoilfeadh in a dhiaidh / Céard atá le daighniughadh ionn?]/ Daingnigh ort a fhleascaigh nó go bhfuagruighidh mise ort stopadh … Hó teaga leis. [Ba cheart go ndéanfadh sin cúis anois]/ Ná bac len a bhun. Ní annsin atá an marach chor ar bith air. Daingnigh as a bharr é / Dhaingneochainn an táirnge tuilleadh, ach feicthear dom go bhfuil an clár buille tanuidhe /[Níl aon-chnoth ag gabhail leis nach raibh ar bogadh. Fagh do "rinnse" agus daingnigh iad má's leat a dhul ar marcaidheacht air]/ Ní mór é a dhaingniughadh isteach (síos, uait, chugamsa, in uachtar agus rl.) go maith. / Daingneochaidh mé é ach a bhfaghaidh mé ionbhadh air / Tá tú daingnighthe istigh innte fós. Ní fhágfaidh muid amach a corp gan tíortháil = scilling a bheadh ar chlár na h-imeartha, agus daoine ag imirt chártaí, agus beirt pháirtidhthe ag imirt ins an scilling / Tá mé cho daingnighthe istigh ins an sé pighne sin, agus nach gcuirfidh do cheann finne as mé. Faoi dhó cheana a bhí sé ar na bocáin agam a bheith as, ach diabhal mé gur rith liom 'chuile "thrip" /[Tá sé cho daingnighthe istigh anois ins an dream sin, agus nach gcuirfeadh súiste Oscair amach asta é]/ Tá an Béarla cho daingnighthe sin isteach i gcuid

de na daoine, agus nach mbainfeadh geanntrachaí amach é. /[Níl an creideamh sáthach daingnighthe ionnta. Dá mbeadh ní bheidís ar an gceird sin. Is dóigh gurb í an tír se'againn féin is fhearr creideamh anois / Tá an Ghaedhilge cho daingnighthe i gcuid againne, agus nach féidir í a chur asainn amach]/
"Ach da mbeadh muid sáthach daingnighthe i gcreideamh an leinbh Íosa len a flaithis a shaothrú, go bhfuigheadh muid an ghlóir" (as amhrán a cumadh in Inis Bearachain Leitir Móir measaim) / Tá an droch-fháisc cho daingnighthe istigh ins an dream sin, agus nar mhór dóib tonn ghrásta cho mór le Tonn Uí Fhloínn len a cur amach /[Sin é an chaoi a raibh Sasana ariamh. D'aimsigh sí 'chuile áit ar foghnamh agus chuir sí na geanntrachaí láidre isteach i gcruthamhnas duit go bhfuil sí cho daingnighthe anois, agus nach féidir a cur amach. Nar ba fearr a bhéas sí muise mara ndeachaidh sé righte go leor léithe ins an gcogadh seo. Mo choinsias chuaidh!]/ Tá sí an-daingnighthe isteach ins an talamh sin anois, agus, 'ar ndú' tá an fear thoir ag daingniughadh léithe tuilleadh = ag borradh léithe; ag cur a chosa i dtaca tuilleadh / Má fhaghann sé cois ar bith isteach, mo léan géar daingneochaidh an dearbhráthair leis agus cuirfidh sé borradh agus borradh agus borradh eile faoi, nó nach féidir a chur amach /[Tá an dream sin anois cho daingnighthe istigh ar an mbaile againn, agus nach mbainfeadh seacht gcatha na bhFiannta Éireann feanc asta. Diabhal é muis. Ní gar a bheith leo]/ Tá tusa ag ceapadh go gcaithfear an dream seo amach go gairid. Bíodh ciall agad a dhuine chroidhe. 'Sé an chóir a bhfuil an Government seo ag daighniú. Tá siad ag leigean an oiread airgid amach ar an tír agus go bhfuil gach duine ag maoidheachtáil leobhtha / An gceapann tusa dá ndéantaí rud de'n tsórt sin nach hé an chóir a ndaighneochadh sé iad i leabaidh a lagachan. 'Sé d'aili /[Má chuireann tú dlí orra, agus thú a chaitheamh, daingneochaidh sé iadsan. Rachaidh mé faoi dhuit go ndaingneochaidh. Mara bhfuil tú indon a gcur amach anois le bladar nó le bréagadh, leig dóib ar fad. Cinnfidh siad ort ar a mhalrait / 'Sé an chaoi a bhfuil na diabhail dhá ndaingniughadh isteach le 'chuile chor. Do dhubhshlán anois cuir amach iad feiceamuist. Dhá splanctha dhá raibh tú dhá gcur isteach, beidh tú seacht n-uaire níos splanctha dhá gcur amach, creid mise dhuit ann]/ Tá fear an airgid in don é féin a dhaingniughadh isteach in a rogha áit. Ní comórtas ar bith do dhaoine dhona é / Ní fhéadfaidís eirghe as anois. Tá an poitín daingnighthe isteach ionnta sin le fiche líne. Ní bhainfí amach é asta, mara dtigeadh V2 a chuir-feadh an baile uiliog idtigh diabhail in aer /

diúltú: briathar

diúltú: cur suas do … ; eirghe as … ; gan do phlé a bheith le … ; "renounce".

[An gnáth-fhocal Gaillimheach ar "refuse", "eiteach" (eiteachtáil) nó "cur suas do … "]

Dhiúltaigh mé é ar fad cé go raibh mé mór leis. = d'eirigh mé as a bheith mór leis, chuir mé suas dá bheith mór leis [tabhair faoi deara go bhfuil an briathar Aistrigheach mar seo, agus nach "refusal" atá igceist] / Dhiúltaigh sé iad féin agus a dteach ar fad. Ach ní dhearna sé in am é. Cúig bhliana roimhe sin a bhí aige a dhéanamh. Dhá ndéanadh, ní bheadh droch-rath ar a chuid mar atá. Ach in a dhiaidh a feicthear do'n Éireannach a leas. /[Dhá ndiúltaigheadh sé an bhrothtuinn bhradach sin, b'fhéidir dó bun a dhéanamh fós, ach ní dhiúltóchaidh ná níl cuímne ar bith féin aige air. Tá an oiread de'n dallach dubh aca siúd air, agus nach mbíonn iabh ná forus air, mara mbeidh sé in a mbuil. Bíonn buadhannaidheacht eicínt ag cuid de na daoine le go mbíonn siad indon daoine eile a mhealladh mar sin]/ Chaith sé ceathair nó cúig de bhlianta ag dul in éindigh leis an mbean sin, agus dhiúltaigh sé í in a dheidh sin. Bhí an-fhaitíos ar a mhuíntir go bpósfadh sé í. M'anam dhá bpósadh fhéin nar mhiste dhó sin — go raibh sí sáthach maith aige / Bhí sé sin an-santach idtosach ach tá sé an-tsiléigeach anois. Níor fhan tóir mhór ar bith aige ar an obair. Dhiúltaigh sé an t-airgead ar fad = níl aon-suim fanta aige ann. Chuir sé suas do'n tóir a bhí aige air /[Ní féidir gur dhiúltaigh tú an tobac uiliog. M'anam go bhfuil mé féin ag brath ar an rud céadna a dhéanamh, ach tá faitíos orm go gcinnfidh orm. Th'éis cho fada agus ab éigin dom troisceadh annsin an lá cheana, bhí a sheacht n-oiread dúil' agam ann an uair a d'eirigh liom gráinne a fháil aríst. Bhí, agus a sheacht n-oiread goin' orm dhá chaitheamh ó shoin. Má theigheann sé 'un gainneacht aríst dar lom-lán an leabhair eireochaidh mé as. Eireochadh a mh'anam. Níl caoi ar dhuine ar bith atá ag pléidh leis an tobac céadna …]/ Chreidim go bhfuil sé th'éis an tae a dhiúltú ar fad. 'Ar ndú' diúltaighthe atá sé ag na daoine scáth a bhfuil le fáil dhe. An méid sin féin muis bíonn muid dúlaidhe aige … Bhí an-tóir aige-san air muis. Ní raibh ann ach "caith síos dhá bhlogam tae" 'chuile ré soluis / Ar chuala tú faoi'n Naomh Pól? Chuala, cho maith liomsa. Bhí tú ag éisteacht leis an sagart dhá rádh. Dhiúltaigh an Naomh Pól

an peacadh, aindeoin nach raibh fear ar bith ba mheasa ná é roimhe sin. Ach d'fhoillsigh Dia É féin air … / Is mó dhá fhonn atá orm na fataí a dhiúltú ar fad. Níl siad ag teacht liom. 'Chuile uair dhá n-ithim iad cuireann siad múisiam eicínt orm. Airighim cho trom ar mo chroidhe iad. Agus tá an-tóir go deo agam orra. Is cosamhail nach bhfeileann siad dom in a dheidh sin / [Shílfeá gur dhiúltaigh sé "na cumainn" (: cumann de pheáirtí poilitidheachta) amach agus amach. 'Ar ndú mo léan dhiúltaigh, an uair nar fhéad sé uisce a tharraint ag a mhuileann féin. Mise imbannaí nach ndiúltóchadh, dá mbeadh aon-bhrabach aige orra, ach chinn air an sean-bhóithrín siúd siar ag a chuid talmhana a fháil. Sin é a thug is "na cumainn" an chéad-lá ariamh é]/ Ar an dá luath agus ar thosuigh sé ag dul indiaidh na gcailíní, dhiúltaigh sé an scoil. D'eireochadh dhó. Nach hé a rinne a leitheid ariamh. Tá na mná indon ciméar a chuir ar an té is críonna a rugadh ariamh. Chuir siad ar Shola féin é, agus ba chríonna an fear é /[Sílim go ndiúltóchaidh an fear seo thiar na capaill ar fad uaidh seo amach. Rith an bromach air an lá faoi dheireadh ag teacht ó'n gceardcha, agus tá scáth air a cur faoi charr ar bith anois. Déarfá gur mó an bhrath atá aige a díol ar fad. Bhí sé ag rádh indé go raibh caiple thríd lasadh ar an aonach cheana …]/ Ní féidir gur dhiúltaigh tú an fiadhach ar fad th'éis a raibh de thóir agad air. Ab iad na coin a chuaidh in t'aghaidh nó ab é an tapa atá ag imeacht asad … D'eireochadh dhuit feasta choidhchin. Is furasta cur agad anois, ach an oiread liom féin / Ó anocht amach le cong-namh Dé diúltóchaidh mise an chuartaidheacht. 'Séard a dhéanfas mé feasta síneadh siar ó chluais go rioball ar an teallach, na bróga a bhaint díom, na buinn a chur le teine, mo dhíol tobac a chaitheamh, agus neart cabaireachta a thabhairt do dhuine ar bith a chasfar isteach /[Is iongantas agus cho taithighthe agus a bhí sé ann gur dhiúltaigh sé an cladach ar fad. 'Chuile oíche dá mbíodh snáth ar bith isteach, bhíodh sí scoilte aige roimhe lá agus gan dosán féin ag duine ar bith eile. Ach ní dheacha sé ann beag ná mór anuiridh, ná i mbliana fós …]/ Is beag a bhéarfadh orm an "dole" céadna a dhiúltú ar fad, scáth a thairbhe. Chuir mé dhá lá oibre amú leis, an tseachtain seo caithte: lá ag dul go G. agus lá ag dul go bearraic. Nar nuachaidh Dia dhóib, marab aca atá na cóirí catha faoi. / Má dhiúltaigh sé sin na "fags" muise agus a gcaitheadh sé aca, diúltóchaidh duine ar bith iad / "Diúltaigh sé an t-ór buidhe agus an choróin a bhí ann". (An Naomh Joseph in amhrán diadha / [Tabhair faoi deara gur "renunciation" agus nach "eiteach" (nó "refusal") atá

ins na somplaí seo ar fad] /[D'iarr sé ar a raibh ann an poitín a dhiúl-
tú, agus dhiúltaigh — faoi láthair ar aon-nós. Ach tá faitíos orm
nach mórán cuímne a bhéas ar na "pledgeannaí" sin ar an dá luath
agus a dtairgfear aríst dhóib é. Aithrighe thoirnighe a bhí ins an aithrighe sin
thiar. An uair a thosuigh sé sin ag díbliú agus ag scaimhléaracht chuir sé
scanradh ar 'chuile dhuine, ach ní bhíonn an scanradh sin buan faraor!]/

Diúltaigheamuid dó! = Séanann muid é; ní mian linn aon-phlé a bheith
againn leis; tá muid dár gcroiseadh féin gan a bheith in a pháirt / An diabhal
— diúltaigheamuide dhó! — a rinne é. Marab é, ní h-é Dia / Deir siad gurb é
M. D. a mharbhuigh í — diúltaigheamuide dhó. Hébrí cé a rinne é ar chuma
ar bith, is dona a d'oibrigh sé. Níorbh fhiú do dhuine ar bith a dhul ag
fiachadh uirre — an dithreabhach bocht! /[Diúltaigheamuid dó sin. Ná bacaighidh
chor ar bith leis. Bíonn anam duine ar sin scaithtí]/ T. Sh.! É sin!
Diúltaigheamuid dó. Thiubharfadh sé sin sáthadh scine dhuit ar ionntú
an tsuip. Is air nach mbeadh an mhairg a Thighearna! Bhrathfá é amanntaí
do do dhearcadh ingan fhios agus scéin ann. Sin é "Dia aithnighear" /[Sceannad
-óirí bradacha nach mbeadh lá carghais orra an tsúil a bhaint amach as
do cheann! Fan uatha má tá do leas ar Dhia, nó, mara bhfanaidh, beidh
scéal agad air!]/ Diúltaigheamuid do na h-aidhbheirseoirí sin ar fad, agus
mo chomhairle dhuitse diúltú dóib freisin, shul á bhéas aithmhéala
ort! /["Hector" ceart í sin. Maidir le goid a dhearbhráthair mo chroidhe thú,
ghoidfeadh sí an ubh ó'n gcorr agus an chorr in a diaidh. Ach thiocfá ó'n ngoid féin
marach an teanga atá aice. Sciollfadh sí thú go dtí an cnáimh. Diúltaigh
-eamuid di agus do 'chuile dhuine dhá cineál]/ Súmaire bradach é. Ní bhfuightheá
focal de'n chaint uaidh dhá lá do shaoghail. Ach dar mo choinsias, tá an
bundún ann — bundún agus droch-mhúineadh. Diúltaigheamuid dó, ó's é atá
againn a rádh leis /[M. seo thiar a bhí tugtha síos léithe, ach cá bhfios duinn.
Diúltaigheamuide dhóib thrín a chéile / Tá an fiabhras annsin 'sábhálaidh Dia
sinn! Fanadh 'chuile dhuine as. D'orduigh Dia an anachain a sheachaint adeir
siad. Diúltaigheamuid dóib / Cá bhfios domsa cé a rinne é ach gur dionadh
é. Diúltaigheamuid dó / Deir siad go bhfuil sé ins na "Freemasons", diúl
-taigheamuid dó. 'Ar ndú, tá sé ráidhte le mo chuímne go raibh sé sin ag
fáilt airgid uatha inGaillimh. Ach bíodh aige. Beatha do dhuine a thoil. Má tá,
beidh a fhios aige ar ball é, ní ag tabhairt bhreithe air é]/ Ní seafóid ar
bith é muis. Cho siúráilte agus atá tusa in do shuidhe annsin, tá sé ins na

na "daoine maithe". Diúltaigeamuid dó / Diúltaigheamuid di. Sin ráthlach. Ní tada eile í, ní dhá roint léithe é. /[Tuige a dtiocfainnse isteach in a leithide d'áit. Diúltaigheamuid dó. Ní thiocfadh duine ar bith in áit den tsórt sin, ach dearg-scaibhtéara. 'Tuige a dtiocfadh?]/ Tá droch-eascainí aice sin — eascainí baintrighe. Ná cuir aice ná uaithe. Diúltaigheamuid di / [Cá mbeadh do chosa do do thabhairt. Isteach idteach a bhfuil an galra eile sin ann — an typhus — i bhfad uainn an anachain! Ní ag cur aithne ort atá mé, ach ba cheart go mbeadh an oiread sin de thuiscint ionnad féin — nach dtiocfá ag brughadh ar an anachain. Diúltaigheamuid dó! / Is measa é sin ná teach na n-amhus atá sé mhíle taobh thiar d'Uachtar Árd. Mo chois ná mo chnáimh ní chuirfidh mé isteach ann le mo mharthainn aríst. Diúltaigheamuid dó! / 'Ar ndú deirtear go bhfuil bruidhin ins an gcnocán sin diúltaigheamuide dhó. Diabhal lá ariamh ar aon-chor nach raibh cáil shidheamhail air. Is iomdha duine nach dtaithneochadh leo a dhul thairis ins an oíche asta féin / Na daoine maithe — diúltaigheamuide dhóib agus fuagruigheamuid deagh-chomharsanacht orra — a thug a bhean sin leo. Ba shin í an chaint a bhí ag dul thart ar aon-nós. 'Ar ndú 'chaon darna duine dhá n-imigheadh an uair sin fuadach as a bhíodh air, má b'fhíor. Is beag an fuadach as atá anois ann. Má imigheann an duine, tá sé imighthe agus sin é a bhfuil in a thímcheall. Diabhal mé go gcuirfidís thar bharr do chéille thú fadó, dá ngéilltheá dóibh, agus tá daoine ann fós féin adéarfadh leat é / Deir siad gur thug an sluagh sidhe — diúltaigheamuid dóib — é sin isteach ins an mbruidhin, deireadh oíche agus é ag dul Gaillimh. Níor bhlais sé de bhiadh ná do dheoch ann. Níor mhór dó féin nar bhlais. Dá mblaiseadh bhí a chnaipe déanta / Cros-bhóthar Dh. Fh. diúltaigheamuid dó. Ná taobhuigheadh aon-duine an áit sin. Níor leig sé a shláinte le aon-fhear ariamh. Is ann a fuair an tincéara mór féin an iarraidh a ghiorruigh leis / Ná bac le cuid de'n dream sin a bhí i Sasana! Diúltaigheamuid dóib! Is maith na h-údair iad, go mba leo féin uainne é! / Diúltaigheamuid do'n áit sin! Ní ghabhfainn ag aon-damhsa ann go díreach go dteighinn síos agus go mbáithfinn mé féin idtosach. Damhsaí gnaoidheamhla go deimhin! Is cuma leis an ngnaoidheamhlacht cé leis a ndéantar a samhailt, má sin damhsaí gnaoidheamhla. Bhí siad ar siubhal ariamh ariamh nó gur stop siad 'chuile dhamhsa eile. Anois tá a bhfuil de phighneachaí dá bhfuil ar liobarna ins an tír ag dul síos ina bpócaí féin. Tá faitíos orm nach rithfidh leo i gcomhnuí! / Deir siad muise go raibh sagart ins an áit seo a rinne an cleas sin. Diúltaigheamuid dóib. Ní dream ar bith iad na sagairt le cur in t'aghaidh.

Tabhair a chuid dó, agus ná déan mór ná beag leis thairis sin … Eascainí sagairt adeir siad is cionntaighe leis an teach sin freisin. Ach diúltaigheamuid dó. Cá bhfios duinne an ndeárna sé aon-eascainí ariamh air.]/

Tá an lá ag diúltú de'n (: dá) tsolus = tá an oíche ag tuitim; tá an contráth ann. / Níor tháinig sé go raibh an lá ag diúltú de'n tsolus, aindeoin gur cuireadh pearúl air a bheith annseo ó ló mhór. Ach mo chreach mhaidne, bhí maith ann go deimhin! / Bhí an lá ag diúltú dhá sholus indiu an uair a chuaidh an bus thart. Ach chreidim gur suarach an t-iongnadh sin agus muid ar ghearrógaí dubha na Nodlag. Ba mhór ab fhiú é dhá mbeadh an lá casta féin. Dheamhan a n-aireochadh duine síneadh ag teacht air aríst /[Déan deabhadh anois má rinne tú ariamh é. Is gearr nach léar duit do láimh. Tá an lá ag diúltú dhá sholus cheana, agus níl siar ná aniar ann an tráth seo bhliain. Dhá mbeadh an lorry líonta againn ó sholus, níor chás duinn é. Níl muid ag iarraidh fearacht Sh. Ph. Mh. a dhéanamh leis: spaidealach agus scrathachaí agus clocha a thabhairt dó de shiubhal oíche! / An ceathair a chlog! Ní féidir! InDomhnach, chreidim gur fíor dhuit é. Tá an lá ag diúltú de'n tsolus / Is gearr le dhul an lá anois. Tá an ghrian ag diúltú dhá solus. Dheamhan a fhios agamsa nach bhfuil sí i dtalamh. / Corruigh amach. Ní mór duinn an easca a bheith bailighthe againn shul má theigheann an ghealach faoi. Tá sí ag diúltú dá solus anois féin. Is contabhairt é an criathrach seo le cíocraí agus caoch-phuill. Fuair mé mo dhóthain cheana dhó …]/ Mara bhfuil lampa agad níl aon-ghna amach anois agad. Beidh an oíche cho dubh leis an bpúca gan mórán achair. Tá an ghealach ag diúltú dhá solus. Níl ann ach sceallóigín gealaighe fós, agus is gearr go dteighidh sí faoi. Déanfaidh sí fíor-dhroch-oíche freisin … /[Tá an lá ag diúltadh dhá sholus, maran duibhthean báistighe é. Ní mheasaim go bhféadfadh sé a bheith cho fada siar ins an lá agus go mbeadh an oíche ag tuitim. Ársóchaidh sé amach aríst b'fhéidir, ar ball]/

diúltach: aidiacht.

Diúltach: mí-thaithneamhach; doicheallach; daighceamhail; bundúnach; stainceamh-
ail; dorrdha dúr igcosamhlacht; neamh-fháilidhe.

Chuaidh sí siar trathnóna agus éadan an-diúltach uirre. Ní raibh sé de mhisneach
agam beannú di le faitíos gurb é an chaoi a n-ionnsóchadh sí mé ar bhall na
h-áite /[Tá sí an-tslachtar, ach mar sin féin bíonn a dreach an-diúltach
scaithtí. Is annamh a chuirim aighneas ar bith uirre. Ní bheadh a fhios ag duine
nach hé a ionnsuighe bog te a dhéanfadh sí. Bíonn daolannaí ag dul thríthe
go minic]/ Staiceallach mhaith í sin. Is aice atá an t-éadan diúltach.
Déarfainn gur deacair í a bhearradh / Bundún bradach!
Ghabhfadh sé thart ar an mbóthar agus ceannaghaidh cho diúltach air agus go mbeadh
faitíos ort beannú dhó. [Is minic a chasas sé liomsa agus teigheann muid thar a
chéile, ionann agus dá mbeadh gan aithne ar bith a bheith againn ar a chéile.]
Dar príosta ní bhfuighinn ó mo chlaonta beannú dhó scaithtí chor ar bith.
Is breagh an rud duine a bhéas conscluighthe fáilidhe an uair a chasas
sé leat / Tá an t-aer sin thiar sáthach diúltach igcosamhlacht. Ná bac
leis ó a chuaidh sé ar an gclaochmú seo. Ní fheicfidh tú aon-lá ar foghnamh
aríst i mbliana. Tá tú réidh leis / Dar mo choinsias níor mhaith liom cur 'un fairr
-ge indiu. Tá gothadh an-diúltach uirre, agus feicthear dhom go bhfuil sí ag dul 'un
callóide. Ach is beag an chlóic atá ar lucht na ngliomach. Tá sé in araidheacht
a dhul amach aca sin mara mbeidh sé an-mhór críochnuighthe / Is diúltach an
leagan-éadain atá ag an mbean sin aige. Cuireann sí aghaidh uirre féin amann-
taí a d'ionntóchadh sochraide. [Tá a fhios ag mo chroidhe nach mórán éadála do dhuine
a bheith ag breathnú ar an stiúir siúd ó mhaidin go faoithin, agus ó oíche go
maidin]/ Má bhíonn an seachadadh-amach ann, beidh sé fáilidhe agus an-ghairm aige
romhat. Ach má's ag iarraidh cáirde a bhéas tú go ndíoltar an mhóin, deirimse
leat gur diúltach an feithideach é le breathnú idir an dá shúil air. /[Bhí
sé ag siubhal soir agus anoir an bóthar agus a chaimín aige agus ba diúltach
an dreach a bhí air. Ag tnuthán a bhí sé go gcasfaí aon-chúpla an bealach,
a bheadh ag cúirtéaracht. Dhá gcastaí gheobhaidís bata ar na dromáin.
Diabhal bréag nach bhfuigheadh. 'Ar ndú' sé atá siad a thuaradh dhóibh féin:
ag imeacht annsin ar bhóithrí go dtí gairm na gcoileach. Is suarach an
t-iongnadh go mbíonn sé ag cur dhó 'chuile Dhomhnach. Faghann sé a údar.]

díol = briathar, ainm-bhriathar, ainm-fhocal

Díol = an rud a bheadh agad, a thabhairt do dhuine eile ar airgead; íoc; íocaidh-eacht; malrait a dhéanamh; rud a chur uait; brath a dhéanamh.

"An uair a labhras an chuach ar sceich gan duilleabhar,
díol do bhó, agus ceannuigh arbhar" — sean-chomhairle. Má ghoireann an chuach roimh theacht do'n duilleabhar ar an gcrann, beidh gorta ann an bhliain sin, agus má's le duine a chríonnacht a dhéanamh, cuireadh sé beatha i leathtaobh le h-aghaidh na coise tinne ar uain nó ar éigin / "Pós ar an gcarnaoiligh agus díol do bhó i bhfad ó bhaile" = má phósann tú do chomhursa bhéal doruis nó bean aitheantais, tuigfidh tú céard a bhaineas di, agus céard iad a subháilcí agus a dubháilcí, thar agus an bhean thar tír isteach nach bhfuil aithne ar bith agad uirre. Ar an gcóir chéadna, is feasach do 'chuile dhuine dhá gcomhnuigheann in aice leat cé'n chaoi a bhfuil do bhó, ach ní bheidh a fhios ag an bhfear i bhfad ó bhaile é /[Díol ar an bpighinn is airde má fhéadann tú. / Díolann sé igcomhnuí ar an bpighinn is airde, nó is cinneamhaint air é / Dhíolfadh sé an sean-asal sin anois ar phunt. / Dhíol sé ar leath a luach í / Dhíol sé a chuid talmhana le fear anuas, ar cheithre chéad]/ Díol le S. í. 'Sé is fhearr a íocfas thú / Is mór faoi'n a luach a dhíol sé an chruach mhóna sin. Dhá ndíoladh sé faoin a druim í, an uair a d'éiligh J. a ceannacht, is mó a bheadh aige dhá barr, ná mar rinne sé /[Díol leat í má thogr-uigheann tú. Is córa dhuit thú féin a shású ná duine ar bith eile / Dhíol mé maith go leor iad. 'Ar ndú is maith an rud do dhuine roint dhá shásamh a fháil. / Dhíolfadh sé an bulán siúd anois ar shlad-mhargadh. Tá sé thar bharr a chéille aige ag dul i mbradghail]/ Tá fataí le díol agam / Tiocfaidh an capall siúd ó dhíol uiliog air. Bíonn sí ar 'chuile aonach aige ach ní bhíonn fear a fiafruighthe ann in a dheidh sin. Gheobhaidh sé anró uaithe /[Fanfaidh sí aige annsiúd gan díol nó go dtugaidh sé anuas ar a luach í. Le margadh a dhéanamh ní mór beirt a shású. Is gránna an rud do dhuine a bheith in a scanrachán ar fad / Díoladh ar a luach an bhó sin / Dhíoladh sé ó chúig cinn déag go dtí scór bainbh 'chuile bhliain roimhe seo, ach sílim gur fear bochtuighthe anois é — le h-ais mar a bhí sé ar aon-chor / Is beag an díol atá ar rud ar bith anois.]/ Níl díol ar thada ó tháinic an Cogadh seo le h-ais an Chogadh a bhí ann cheana / Dhá mbeadh díol ar bheithidhigh, thóigfeadh muid

iad, ach ní fhiafróchtar dhíot ar aonach cá'il tú ag dul leo / Níl rud ar bith is mó a bhfuil díol uirre ar an saoghal seo ná móin. An té a thiubhar-fadh aire do'n mhóin ní fhágfadh sí ar deire é /[Dhá laghad díol dhá bhfuil ar bheithidhigh, bheadh na daoine thart uiliog marach iad. Céard a d'íocfadh cíos, agus a cheannóchadh beatha agus éadach? / Tá beagán díol anois ar bhudógaí / Is lugha an díol atá anois ar chuile shórt ná a bhí an t-am sin a raibh na beithidhigh stoptha an bhliain cheana]/ Ní díol mór é sin — laogh / Díol fánach a rinneadh ar an aonach indiu — 'seadh sin / Dhíol mé. Chaith mé uaim iad. Bhí chuile shórt faoi ráta indiu ar an aonach / Rinne sé droch-dhíol = ní bhfuair sé a sháith ar an rud a bhí sé a dhíol / Bhí an-díol ar bhromaigh ar aonach na G. / Is iomdha díol a rinne sé an lá sin — ól, sweets, maidí milis, brioscaí agus 'chaon tsórt /

Díol as = an uair a bheadh rubáil i mbun a cúig déag, cúig fichead, deich fichead, cúig agus dhá fhichead agus deich agus céad, nó ins an scuaibín, agus go dtóigfeadh cearrbhach nó imreoir an mámh cinn chaithfeadh sé díol as — díol as an mámh cinn .i. drámh beag gan aon-mhaith a leagan béal faoi ar an mbord nó ins an bpaca.
Bíonn rubáil le aon is chuile áit ach ní mara chéile na cártaí a mbíonn ionntú orra is 'chuile áit. Ní féidir rí a thógáil in áiteacha ach is féidir in áiteacha eile / Ar dhíol tú as chor ar bith. Sin é an fáth a bhfuil sé chárta agad. Caithfidh aith-imirt a dhul ar an mbun sin / B'éigin dom mámh a dhíol as. Ba shin í an láimh agad! Tháinig an-chóisir mhámh -asaí agam i dteannta a chéile an uair sin. Sin é an chaoi a mbíonn siad: uair bheag agus uair mhór. / Ar dhíol tú as an aon chor ar bith … Níor mhór duit. Marach go raibh díolta agad aiste shul ar thóig tú cúig do láimhe dhéanta, bheadh do láimh i bpaca. Tá imirt ro-mhaoilscríobach ar na cártaí annseo ar fad. Dhá mbeitheá ag bord le daoine eile, is beag de'n tsleamchúis sin a bheadh ag siubhal leat. D'imreochthá na cártaí mar is ceart nó ghabhfadh do láimh i bpaca ar an toirt / Céard a dhíol tú as … Dó triuf. Sin é an áit ar chac tú ar na h-uibheachaí. Dhá gcoinnightheá an triuf agus an muileata a dhíol as, bhí a gcosa nighte. Ní mór duit a bheith cho maith ins an áirdeall ar do chuid drámhasaí agus a bhéas tú ar do chuid mámhasaí idir ceathar / Fhobair mé gan díol as chor

as chor ar bith. Tá mearbhall eicínt orm anocht. Droch-chearrbhach arsa tusa / Tuige a bhfuil tú ag díol as … Cá'il an rubáil? Nach bhfeiceann tú gur hairt atá iompuighthe? / Chuaidh sé 'fhoisceacht mbeannuighidh Dia dhom a bheith díolta as, ag ceapadh go raibh rubáil agam. Tá trí aon chaocha agam, ach 'ar ndú mo léan níl an aon cheart agam /[Breagh nach mbreathnuigheann tú ar do chuid cártaí. Dhíol tú mámh as annsin agus thú sáthach feidheartha mar a bhí tú. Ní chuirfinn ag imirt chnaipí thú … Na cúl-chearrbhachaí atá ag déanamh ballséire dhíot, idteannta 'chaon tsórt / Tá sib in a gcíor-thuaithbhill cheart anois. Níl agad ach cheithre cárta. Tá sé chárta agadsa. Dhíol tusa as, agus tá ceann le cois agad. Caithigidh suas iad agus roinnighidh aríst iad / Tuige nach hé an dó beag a dhíol tú as i leabaidh an sé? Ná bí cho siléigeach sin, a dhuine sin]/

Dhíol siad sin an tír. Dhíolfaidís a máthair ach airgead a fháil uirre = rinne siad spiadóireacht nó brath ar dhaoine eicínt nó ar chúis eicínt a bhí ag dul chun sochair do'n tír / Bean a dhíol é in a dheidh sin. Rinne sí scéala air / Ins an L. a díoladh é. Bhí sé idteach ann ar a chaomhamhaint agus cuireadh uisce ina chuid piostail, agus chuaidh fios ar an Arm Dearg ar chúla téarmaí /

Dhíol sé an déirce = d'eirigh sé as an lathaigh; d'eirigh sé as an donacht, nó as an mboichteanacht / Ní raibh béilí na h-oíche aige sin nó gur phós sé, ach dar fiadh dhíol sé an déirce ó shoin. Is fearr eirghe as ná tuitim ann in a dheidh sin. /[Ó a rinne siad an teach nuadh, dhíol siad an déirce. Tá sruth agus gaoth leo ó shoin / Dar mo choinsias ní aithneochaidís daoine dona ó a dhíol siad an déirce. Galántacht agus gailimaisidheacht uiliog ó shoin iad. Onóir — onóir dhona!]/ Má dhíol siad an déirce féin, dheamhan a bhfuil dhíob mar atá tuilleadh a bhí bocht agus a d'eirigh suas. [Cuid de'n dream seo a fuineadh agus a fáisceadh as an mboichteanacht, cho luath agus a eirigheas siad as an lathach chor ar bith, ní leigfidh siad orra féin go bhfeicfidh siad thú. Ach iad-san, diabhal mé go bhfuil siad cainteach carthannach agus nach ndúinfidh siad a súile ar aonduine, bocht ná saibhir / Dhíol sé an déirce ach m'anam má dhíol nach ingan fhios dá chnámha féin sin. Tháinig sé isteach annsin thuas áit nach raibh slí do choise de thalamh, agus an méid sin féin cho maolscreamhach leis an bpláta sin. Chuir sé a chuid alluis leis. Bhí sé amuigh moch agus deireannach ag obair agus ag luadhainn, ag rómhar agus ag fuirseadh. Rinne sé cat agus dhá rioball ann. Ach rinne sé sean-fhear dhó (dhe) féin fiche bliain roimh an ám freisin /

Díolfaidh sé siúd an déirce má ghníonn éadan agus triollús dó é. Dheamhan fear a chonnaic mé ariamh a bhuailfeadh faoi 'chuile rud ach é. Chuaidh mé síos thairis an lá faoi dheire agus é ag déanamh láthair mhuirtéil ar an tsráid. "Cé l'aghaidh í" arsa mise. "L'aghaidh giall a chur ar an tobar adeir sé igcaoi agus go bhféadfar buicéad ar rópa a leigean síos ann an uair a thiocfas an triomach." Fear ar bith a chuimhneochadh ar inntreacht de'n tsórt i mbrollach an Earraigh, is fear é a dhéanfas cúis mise i mbannaí!]/

"Díol an Choirce", "Díol an Ghabhair" = cluichí nó cleis [Féach l. 225-229 Obair agus Luadhainn — Ó Gaora]. "Díol na mBromach — cleas (fc. bromach)

Is iomdha duine a bheadh ar meisce mara mbeadh aon-díol air = is iomdha duine a bheadh ar meisce, dá mbeadh gan aon-íocuigheacht nó díoluidheacht a bheith ar an ól. [sean-fhocal] [Seo sompla de "díol" = pay. Is annamh anois a bhíos ciall ar bith ar fud na Gaillimhe le "díol" ach amháin "sell". Íoc an gnáth-fhocal Gaillimheach ar "pay", ach tá "díol" ann imbeagan ráidhtí freisin] / D'ól sé a bhfuair sé ach níor chaill sé féin mórán leis. Á ar chuala tú ariamh é; Is iomdha duine a bheadh ar meisce mara mbeadh aon-díol air / D'ólfadh sé a dtuillfeadh sé, ach ní hé féin is measa in a dheidh sin. Caitheann sé a mbíonn aige ar shúdairí. Iad sin ag maoidheacht-áil leis mo léan, agus ag gabhail abhaile dallta 'chuile oíche. Is iomdha duine, arsa tusa a bheadh ar meisce mara mbeadh aon-díol air / Ní mó ná dhá bhfaightheá gan tada é go mbeitheá ar meisce anois. Is mór a a bheadh ar meisce mar adeir an fear fadó, mara mbeadh aon díol air. Is gearr le dhul puintín gágach airgid anois idteach ósta, má bhíonn beirt nó triúr abuil a chéile ann /[Tá sé sin in a chneagaire cho mór agus atá as seo go Breatain. Dhá mbeadh sé in éindigh leat go lá Philip an Chleite, ní thairgfeadh sé aon-deoir a ghlaodhach, ach d'ólfadh sé go súighte é. Is mór leis atá amhlaidh. Ach chreidim gurb iomdha duine a bheadh ar meisce mara mbeadh aon-díol air / Bhí daoine ar meisce aréir, agus ag troid agus ag bruighin, nach bhfaca aon-duine aon-deoir ag dul ar a mbéal ariamh cheana. B'fhurasta sin dóib 'ar ndú': is mór a bhíos ar meisce an uair nach mbíonn aon-díol air. Fuair siad in aisce é. / Sin iad na caracháin chéadna nach bhfeicfeá mórán meisce orra marach daoine a bheith in a bpleotaí dhá chaitheamh aca. Tá sé ráidhte ariamh gur mór a bheadh ar meisce mara mbeadh aon-díol air.]/

Má theigheann tú i mbannaí déan díol (fc. "díoluigheacht", "bannaí")

díolaidheacht: ainm-fhocal; buineann; níl aon-iolraidh aige; ainm-bhriathar
Díolaidheacht: íocaigheacht; íocaigheacht áirleacain nó cáirde.

Má theigheann tú i mbannaí déan díolaidheacht (nó díol — tá an dá fhuirm air) = má theigheann tú i mbannaí ar dhuine, ní dóithide an Cháisc ar an Domhnach nó brisfidh sé na bannaí agus caithfidh tusa cur dhíot nó íoc annsin leis an mbannaí a fhuascailt (fc. bannaí) / Is deacair díolaidh-eacht a dhéanamh leis an sagart atá agaibhse. [Deir siad go bhfuil sé an-ghéar faoi airgead agus go mbíonn sé ag bánrán igcomhnuí i gcomhnuí, nach bhfaghann sé a cheart. Is beag "an tuarastal" a íocas muide annseo chor ar bith. Tá sé réidh go leor a cuid a thabhairt do'n Athair P. / Is mór an dícéille a bhí ort ó a chuaidh tú i gcleitheamh -nas tighe a dhéanamh, nachar thug leat fear a críochnóchadh amach faoi shásamh é, thar agus na cliobairí sin a bhí agad nach ndéanfadh smeach ann lá ins an choicís ó thosóchaidís é. M. Sh. a bhí againne agus má's é féin níl goir ag ceachtar aca air. Agus ní fhaca tú aonduine ariamh is gleoite ná é le díoluidheacht a dhéanamh leis. Uair ar bith a mbeadh sé so-laimhsighthe agad féin, ghlacfadh sé é. Agus ní éileochadh sé go deo é go dtogróchthá a thabhairt dó. Dheamhan a n-íoctaí uair ins an ráithe annseo scaithtí é]/ Ní furasta díoluidheacht a dhéanamh leis an gceann céadna agus tá a shliocht air: is beag atá ag fanacht aige. Ag tarbh Sh. Mh. Sh. atá a dtarraingt uiliog anois. [Ní bhíonn laogh ag bó uair an chluig an uair a bhéas an scanrachán seo anoir ag éiliú díoluidheacht', hébrí cé'n sórt neach atá aige go mbeidh a fhios aige go dtí ala an chluig cé'n puinte a mbéarfaidh sí / Ní féidir díoluidheacht a dhéanamh leis an bhfear seo. Is mian leis a dhul go bun an amhgair leat ceart, agus thú a bhánú má fhéadann sé. Is dó is fusa ó thárla nach bhfuil aonduine eile ag dul in a bhéal. Bhí fear bhuailte coirce annseo anuir-idh — an G. — agus ba é an fear ab éascaidh a riaradh é, a chonnaic tú ariamh. Ba suarach an t-iongnadh go raibh gnaoi na ndaoine air / Is gearr go gcaithtear díolaidheacht a dhéanamh anois muis, mar-an lib an sirriam a bheith ag tarraingt na bpluideannaí dhíb maidin eicínt roimh lá. Tá a gcuid airgead acraí íoctha ag 'chuile dhuine. Ach 'ar ndú' caithfidh cuilthíneach a bheith ar 'chuile thréad. Bíodh aca. Bhí muid roimh an lá cáirde ariamh go dtí i mbliana /

Níl drugal ar bith aige áirleacan a thabhairt uaidh, an té a dhéanfas díolaidheacht leis mar is ceart, ach dar fiaguidhe ní milleán ar bith air a bheith géar leis an duine a thóigfeas foracún mór ann, agus nach mbeidh deifir ar bith air faoin a íoc / Ní chuireann J. dlúthas ar bith le fiacha, má ghníonn tú díolaidheacht an uair a bhéas sé agad. [Ach is deacair do dhuine ar bith leigean leat mara gcaithidh tú rud eicínt aige corr-uair. Diabhal caidéis a chuirfeas sé choidhcin ort má choinnigheann tú bainte dhó (: dhe) chor ar bith. Ach ní shásuigheann tada cuid de na daoine ach an uair a bhíos an t-áirleacan caithte aca i siopa, a dhul go dtí siopa eile agus an sos céadna a thógáil ann]/ Is maith í an cháirde do'n té atá in a call, ach ba cheart do dhuine má tá sé in a acmhuinn chor ar bith, díolaidheacht a dhéanamh cho maith agus a fhéadfas sé. 'Sí an díolaidheacht dhona a fhágas 'chuile dhuine gan tada a fháil / Níl F. ag tabhairt trust ar bith uaidh anois i ngeall ar dhroch-dhíolaidheacht adeir sé. B'éigin dó eirghe as, nó bhanóchadh sé é féin /[Tá sé thar am agad anois díolaidheacht a dheanamh liom. Is maith trom an bille atá in t'aghaidh annseo, agus tá faitíos orm nach bhfuighidh tú níos mó le tógáil go gcuiridh tú anuas é seo, anuas rud eicínt ar dtús / Tháinig mé le díolaidheacht a dhéanamh leat. Tá sé thar am, ach dheamhan neart a bhí ag na daoine air, no gur díoladh an dá shúgán muice sin]/ Dar brigh an leabhair, níl call casaoid' ar bith dhom ortsa. Tugann tú díolaidheacht mhaith dhom. Ní raibh tú ariamh nach raibh an t-áirleacan ag teacht ag gáiridhe agad, ní hé sin do dhaoine eile é. 'Bhfeiceann tú an leabhar sin annsin. Tá daoine annsin … / Ná leig an díolaidheacht choidhchin i bhfad-scéil. [B'fhearr liom a bheith faoi chumaoin ag aonduine beo ná ag fear siopa. Má bhíonn aon cheo aige ort, feicfidh tú pus cho fada le dris fhireann air 'chuile uair dhá ngabhfaidh tú isteach aige]/ Bhí sé ag cur tuairisc Bh. liom an lá cheana. "Is fadó an lá nach bhfaca mé isteach í" adeir sé. Is cosamhail nar thug sí aon-díolaidh-eacht dó le fada. Ní mórán maitheasa dhó muise guth a bheith aige uirre siúd. Beidh déidín tuitthe aige ag fuirgheacht leis shul a dhéanfas sí siúd díolaidheacht leis / Dheamhan duine in Éirinn nach bhfuil S. Ph. Mh. ag díolaidheacht leis má fhághann sé é = tóigfidh sé áirleacan is chuile áit dhá bhfuighidh sé é [tá sé i gceist ann freisin ar bhealach eile nach deagh-dhíolaidhe é, ach go mbíonn sé ag iarraidh trust ar 'chuile dhuine, go n-íocann sé

beagán leis an té seo, ach go bhfágann sé an ceann trom de na fiacha gan íoc, agus go dteigheann sé ag lorg áirleacain i bpadhar eicínt eile] [Dheamhan siopa inG. nach mbíodh sé sin ag díoluidheacht leis scathamh. Bhí siad uiliog ins an mullach air faoi dheireadh, agus iad ag strócadh ag iarraidh an áit a chandáil. Tháinig an sirriam air míle uair, ach má tháinig féin, chinn orra aon-cheo a bhaint dó. Ní bhainfeadh súiste Oscair aon-phighinn as a chreatlaigh siúd! / Ní shin fear ar bith le bheith ag díolaidheacht leis. Mara gcoinnighidh tú féin cuntas ar a bhfuighidh tú, níor dhóighide cleas dó sin ná an oiread eile a bhualadh ar do bhille. Maidir le coinsias níl sé aige. Fagh thusa an siopa a bhainfeas an ceart amach, feiceamuist! / Is furasta do dhuine teach mór a bheith aige thíos inG. Ach cé mhéad aca a bhfuil na tighthe thar barr-amach aca? 'Sé an chaoi a bhfuil na tighthe sin ar fad iad a thógáil ar an oiread seo ins an mbliain, agus díolaidheacht a dhéanamh annsin orra de réir na míosa nó an ráithe. Mara mbeidh tú suas leis an lá cáirde annsin i gcomhnuí, cuirfidhear as seilbh thú ar an bpuínte boise, agus beidh duine eicínt eile istigh in t'áit. Nach bhfuil na mílte ag forcabhás ar thighthe ann, agus é cínnte orra a bhfáil /

Díolaidhe: ainm-fhocal; fireann; iolraidh = díoluidhthe. Ach tá claonadh ann dhá iolraidh eile a chur i leabaidh an iolraidh -uidhthe ins na focla a bhfuil deire lag aca mar sin: (a) -eachaí .i. gadaidhe — gaduidheachaí; rubálaidhe — rubálaidheachaí; tóiridhe — tóiridheachaí; leadaidhe — leadaidh -eachaí. Baineann an claonadh sin go h-áirid le Iarthair Chonamara (Rosmuc, Cárna, na h-Oileáin). (b) -s mar atá i mBéarla — rubálaidhes, tóiridhes díoluidhes agus rl. Tá an t-iolraidh -uidhthe ro-chosamhail leis an uathaidh agus é anróighteach len a idir dhealú ó'n uathaidh i gcaint.
díoluidhe: fear nó duine a ghníos díolaidheacht; fear a íocas airgead cáirde nó earraidhthe cáirde; fear íoctha rud ar bith.

Is dona an díolaidhe é = ní íocann sé an trust a fhaghas sé ins an siopa; ní íocann sé cíos, airgead acraí, ná dola ar bith a bhíos ag teacht treasna air / Is ait an díolaidhe é = íocann sé go maith an trust a fhaghas sé nó na dola a bhíos ag teacht treasna air / Is deagh-dhíolaidhe é anois le goirid. Fadó ní íocfadh sé tada. [Bhíodh a raibh de lucht siopaí annseo thoir roimhe 'chuile uair dhá dteigheadh sé soir ag fuagairt fiacha air, ach ba bheag an mhaith dóibh sin. / Is droch-dhíolaidhe í. Dheamhan níos measa ins an tír. Tá cut crochta roimpe anois ins 'chuile shiopa soir annsin cé's moite de tigh Ph. Tá sí ar a té(icheadh) ó'n gcuid eile. Is gearr go bhfeicidh tú P. féin sáthach bréan di, ach seans go bhfuil sí ag íoc ar an táirnge annsin / Ba droch-dhíolaidhe a bhí ins an athair. Bhíodh próiseannaí ag teacht 'chuile lá aige de bharr fiacha ar fud na G. Chinn orra aon-cheo a bhaint dó in a dheidh sin. Ach an uair a d'eirigh an áit leis an mac, ghlan sé a raibh d'fhiacha ann. Dheamhan call a bheadh dó aon-phighinn a íoc go bráth, mar ní raibh siad ag súil leis, bhí an t-airgead cho fada sin amuigh. Ach d'íoc sé 'chuile phighinn amháin: i gcruthamhnas duit in a dheidh sin gur fearr sean-fhiacha ná sean-fhala]/ Is doiligh do na siopaí tada a dhéanamh mar má tá an deagh-dhíolaidhe ann, tá triúr in a aghaidh sin atá in a ndroch-dhíoluidhthe. Dheamhan neart a bhíos ag fear an tsiopa air. Tá a chuid dola féin air, agus caithfidh sé an saoghal a righeachan cho maith le duine /[Droch-dhíoluidhe ceart é. Níor íoc sé aon-cheo ariamh go gcinneadh air. An uair a bhíodh muid ag tabhairt cíosa don L. fadó, ní fhaca an lá cáirde ariamh ach salach é. Dhá mbeadh sé ag pléidh le aon-mháistir eile ins an tír bheadh

scéal aige air. Ní fhágfaí ins an tseilbh chor ar bith é / Má's deagh-dhíoluidhe féin é, is dó is fusa. Cuireann sé dhá fhuireann muc amach 'chuile bhliain agus níl seachtain ag eirghe ar an mbean nach mbíonn seifte Gaillimheach aice. Tá sí indon a dhul Gaillimh ar Sheascach na gCearc féin, agus gan ubh na eirín ag daoine eile le cur isteach ar a gcroidhe, ní áirighim a ndíol. Is furasta dhá leithidí sin a bheith glan ins na siopaí]/ Dá mbeitheá ag déileáil leis, níor mhiste dhuit a bheith in do dhroch-dhíoluidhe thar a bheith in do dheagh-dhíoluidhe, gheobhfá a dteastóchadh uait uaidh. Nach hé atá ag coinneál an dream' sin siar beo. Ach an té nach dtaobhuigheann é ach go h-annamh, ní thiubharfadh sé biorán beag — agus is fánach an rud é — dó gan an seachadadh-amach. Aithnigheann sé a dhuine féin i gcomhnuí / Marach a dhaoireacht agus atá 'chuile rud, b'fhurasta do dhaoine a bheith in a ndíoluidhthe maithe, ach tá 'chuile shórt anois ar a dhaoirse, ach an rud a bhéas tú a dhíol. Níl a dhuth ná a dhath ar sin / Ghreamuigh sé dhó sin a bheith in a dhroch-dhíolaidhe. 'Ar ndú' bhí cáil na máthar i bhfad agus i ngearr. Bhíodh sí i gcomhnuí ag imeacht ag iarratas agus an té a thiubharfadh áird uirre ní dhéanfadh sí aon-díolaidheacht go bráth leis. [Bhí sí uair annseo agus cíos ag teacht treasna uirre, agus tháinic sí aníos chugam agus mé ag obair ingarrdha na L. Thug mé chúig phunt di go dtí lá an aonaigh a bhí chugad, má b'fhior di féin. Bhí airgead an uair sin ann in a shnáthmara le linn an Chogaidh. Tháinig lá an aonaigh agus d'imigh sé ach ní raibh aon-chaint ar mo chúig phunt. Chaith mé an tsíorraidheacht ag tuineadh léithe shul á fuair mé é. Bhí an mhaith bainte as faoi dheireadh, ag fanacht leis]/ Deir siad go mbadh an-díolaidhe é an t-Athair M. ach nach raibh rath ná rígheacht ar an Athair D. [Bhíodh S. P. Th. ag imeacht ag carraeracht aige — ag an Athair D. — ag tabhairt mhóna agus phlúir agus 'chuile shórt dhá dteastuigheadh uaidh chuige. Bhí dubh-phlód beithidheach aige agus bheathuigheadh sé thar cionn iad le bran, agus min mhór, agus cácaí. Idir 'chaon tsórt bhíodh S. Ph. Th. ar bóthar 'chuile lá, nó ionann agus é. Meastú 'chuile uair a dteastuigheadh a pháighe uaidh nach gcaithfeadh sé a dhul agus a mheabhrú do'n tsagart, agus annsin féin, b'fhéid-ir go gcaithfeadh sé an cleas sin a dhéanamh faoi dhó agus trí h-uaire, shul a gheobhadh sé aon-phighinn. Ba deacair leis an Athair D. scaradh le tada. Níorbh fhéidir díolaidheacht a bhaint as /

díolachán = ainm-fhocal; fireann; níl aon-iolraidh aige / ainm-bhriathar.
díolachán: an rud a bhíos ar siubhal i siopa nó in a mhacsamhail d'áit. Ní bhíonn díolachán ar aonach. Díol agus ceannacht a bhíos ar siubhal ann. Déantar díol ar aonach nó ar mhargadh ach bíonn díolachán ar siubhal i siopa, i gcábáin nó ag mangairí, (idir cheannuidhthe, agus dioltóirí earraidhthe aithdíolta).

An ndéanann sé mórán diolacháin anois … is dóigh gurb é an chaol-chuid é, ó a d'imigh an deirbhshiúr uaidh. Sin í an cailín a bhí indon an díolachán a dhéanamh /[Is beag an díolachán a ghníos an siopa sin chor ar bith anois. 'Séard atá sé féin a dhéanamh, ag tógáil cúití (: con) agus dhá dtabhairt ag rástaí. Is cosamhail gur mó na h-iarmhuis atá ar na cúití ná ar na siopaí. Marach gur mó ní eireochadh seisean as a cheann fhéin]/ Tá siad ag díolachán anois ann le gul 'un bliana, agus sipín deas istigh aca. Níl de chlóic orra anois ach go bhfuil an áit beagán ro-chumhang. Ach cuirfidh siad fairsinge air leis an aimsir. As na tighthe beaga a theightear ins na tighthe móra adeir siad /[Shílfeá go bhfuil tú ag brath ar a dhul ag díolachán bail ó Dhia ort! 'Séard a bhí agad a dhéanamh anois cupla páidrín agus glac iallachaí a fháil, agus a dhul thart dhá bhfuagairt ó theach go teach — ag siubhal romhat agus ag bailiú in do dhiaidh mar adeir -eadh an Ceannuidhe Ruadh a bhíodh ag dul thart annseo fadó. Chuala mé M. Ph. Sh. M. — ós aige atá a fhios chuile rud — ag rádh an lá cheana gur ag díol páipéir nuaidheachta ar na sráideanna a thosuigh Lipton an tae. Má seadh ba mhaith a chuaidh sé dhó. Ach bhí sé cruadh coinneálach agus cion aige ar 'chuile phighinn. Tomsuigheann brobh beart, adeir siad / Bhíodh sé sin ag dul thart annseo fadó le carr agus capall ag díolachán. Tae a bhíodh sé a dhíol. Bhíodh go leor de na fir tae sin ag dul thart an uair sin. Is uatha a cheannuigheadh chuile duine tae. Ní raibh thairis sin de mheas chor ar bith ar tae na siopaí an uair sin — mara bhfaighteá ó fhear an tae é … Is gearr ó shoin chor ar bith é sin …]/ An siopa óil nó siopa díolacháin atá istigh aige. Bhíodh ósta annsin fadó, bíodh sé ann anois nó ná bíodh. / Is olc an bhean díolacháin í. Tá sí ro-chunntasach. Dá mbeitheá ag síneadh leath-chéad punt amach aice agus dhá mbeadh an bille leithphighinn le cois, d'fhanfadh sí go bhfaghadh sí an leithphiginn. Sin é an sórt duine í. Ní mhaithfeadh sí tada dhuit. Níl a díol cuntanáis innte ach oiread, leis an té a thiocfas isteach chuice. Ní mór do bhean díolacháin a bheith fáilidhe i gcomhnuí … /

dochar = ainm-fhocal, fireann, iolraidh = dochair.

Dochar = millteanas, domáiste, mísc, anachain, tubaiste, díobháil, rud a chur as do … ; cotarsna "sochar"; gaimh, gangaid, droch-ábhar nó máthair an guir, fabht, donacht; fuireasbhaidh, easbaidh, laghdú mór in do chuid airgid nó maoine; iongnadh; is suarach an t-iongnadh … ; tá air ag (agad, agus rl); ba cheart duit …
[Focal rí-choitianta i gcaint é "dochar"]

An ndearna sé aon-dochar duit = díobháil, millteanas, domáiste, mísc / Ní dhéanfaidh sé aon-dochar duit /[Má tá rún aige aon-dochar a dhéanamh, ní racha leis / Ní beo é mara mbeidh sé ag déanamh dochair igcomhnuí / Ní dhéanfaidh an bháisteach seo aon-dochar / Diabhal dochar ins an ngaoith sin. Ní scuirfidh sí an coirce, mara neartuighidh sí]/ Rinne an craoi-mhúr sin dochar mór. Is áibhéil an lear féir a bhí leigthe amach ag daoine indiu / [Níl dochar ar bith an phuchóid sin a bheith amach ar an "tyre". Chuaidh mise as seo siar go dtí an Ch. R. agus aniar aríst ar phucóid níos measa / Ní dochar ar bith an méid sin a thabhairt in t'aghaidh. Mara rug sé thall ortsa i dteach an ósta níl beann ar bith agad air]/ Ba é a bhuac a bheith ag déanamh dochair dá chomharsa / An uair is mó an dochar 'seadh is fearr an fhoighid = sean-fhocal. Níl uair ar bith is mó a bhfuil air ag duine stuaim a chur ar an bhfoighid, leis an uair a ndéantar millteanas mór nó foghail air. Má theigheann sé chun droch-mhúineadha an uair sin, 'sé is dóigh dhó gníomh a dhéanamh a mbeidh aithmhéala aríst air dhá bharr / Tá foghail mhór déanta ort, agus ní hé a d'fheil duit a dhuine bhoicht, ach níl rud ar bith is fhearr duit anois ná an buille réidh. An uair is mó an dochar 'seadh is fhearr an fhoighid / Buaileadh 'san éagcóir thú. Diabhal bréag nar buaileadh. Ach má tá tú indiaidh do shásamh air, fainic a n-ionnsóch -thá é. Tabhair suas do na póilíos iad. An uair is mó an dochar 'seadh is fhearr an fhoighid / Cé'n dochar a rinneadh dhó scáth cupla gearradh /[Ní bheadh aon-dochar dhuit an bhó sin a leigean amach cupla uair indiu h-idir dhá mhúr. Níor mhór di é / Fágaighidh annsin anois í. Níl mórán dochair le déanamh aice ann, ó thárla go bhfuil 'chuile shórt craptha. Nach diabhaltaí bradach i gcomhnuí í / Déanfaidh an cogadh seo dochar fós feicfidh tú féin. Ní chomhnóchaidh siad ach oiread go dteagaidh sciorta dhe do'n tír seo, nó is maith an t-ádh atá uirre]/ Fear ar bheagán dochair é = níl sé gangaideach / Ba rud ar bheagán dochair é sin le h-ais an rud seo / Is póilí ar bheagán dochair é sin, ach ní hé sin do'n cheann a bhí in éindigh leis /

Ní raibh aon-mhaith dhuit ag caint an uair sin. Bhí an dochar déanta / Is mó an dochar an fear thall go mór ná é seo, th'éis gur mó an ghlaodhmaireacht é seo / Ba mhó an dochar 'chuile dhuine ná an créatúr sin. Fear nar chuir aon-araoid ar aon-duine ariamh / Is lugha an dochar go fada leagan ó chapall ná leagan ó asal. Mharbhóchadh leagan asail thú /[Is lugha go mór an dochar gearradh ó speal nuadh nó ó shean-speal. Bíonn gearradh an cheann nuadh glan]/ Dochar fánach a rinne sé dhó, ach nach cuma sin, ó fuair sé a chuid airgid / Dhóirt mé é ach cé'n dochar = ní miste faoi'n a dhóirteadh / Cé'n dochar má d'imigh sé féin / Mara bhfuair tú féin é, cé'n dochar? / Má briseadh féin é cé'n dochar? / Níor thug mé isteach aon-fhód móna, ach cé'n dochar. Tá fuighleac istigh /[Marbuigheadh an madadh orainn, ach cé'n dochar. Tá breach ins an bhfairrge cho maith agus a marbuigheadh fós]/ [Cé'n dochar? = an-choitianta i gcaint — "what harm, what is the harm, no matter, alright, very well] / Níl aon-dochar uair nó dhó a chaitheamh ag cuartuidheacht 'chuile oíche. Is mó an sochar é go fada, thar agus a bheith sactha istigh go h-acht agus go h-áirid / Níl a dhath dochair (níl dochar ar bith, níl lá dochair, níl blas dochair agus rl) i bpeacadh sologhtha. Peacadh fánach é. An uair nach sceadfadh duine é féin an-mhór //[Ní dochar ar bith é sin a bhualadh / Dheamhan ceo dochair corr-chriogaide a choinneál buailte air]/ D'eirigh mé as, leisce dochar a dhéan-amh dhó / Níl aon-dochar an buidéal ar fad a ól má thogruigheann tú / Ní dochar duine a leagan mara ngortuighthear é = sean-fhocal /[Dheamhan bhrigh ins an méid sin, ó a tháinic tú as cho saor. Deir siad nach dochar duine a leagan mara ngortuighthear é / Níor eirigh liom ach sceadadh beag ar an ngruaidh. Is maith a chuaidh mé as mar sin féin nach ndearna siad mo lá. 'Ar ndú ní dochar duine a leagan mara ngortuighthear é]/ Tuille diabhail aige anois! Ba bheag an carghas a bhíodh aige féin dochar a dhéanamh do'n té údaidh eile. Tá sé ag teacht ar a mhéis féin aige anois / Is iomdha dochar a rinne sé ariamh, ach tá sé féin dhá fháil garbh anois, ní dhá roint leis é / Níl dochar ann a mhuirnín! = déarfadh máthair é dhá ngortuigheadh a páiste é féin, nó dhá ndéanadh duine eicínt eagcóir, nó rud eicínt air / Níl dochar ann a stór. Beidh sí ar fheabhas ambáir -each. Cuirfidh mise ceirín léithe a chneasóchas í /[Níl dochar ann. Ceannóchaidh mise liathróid duit cho maith léithe, ach a sroichidh mé

Gaillimh.]/ Dia linn! Chuaidh sé le t'anáil. Níl dochar ann a chuidín / Thug sé leas-ainm ort a leinbh, ach níl dochar ann. Níl duine ar bith is fhearr an aghaidh leas-ainm ná é féin — an carracháinín bradach! / Dubhairt sé i dtosach gur mé a rinne é, ach d'fhéach sé leis an dochar a bhaint as in a dhiaidh sin. "Ní raibh tú ach ag breathnú orra dhá dhéanamh" adeir sé = gaimh; bhí sé ag iarraidh an rud adubhairt sé ar an gcéad-iarraidh a thláthú /[Ná bí ag baint an dochair as anois chor ar bith le do chuid leiciméaracht'. An rud adubhairt tú, dubhairt tú é, agus sin é a bhfuil in a thimcheall / Ag iarraidh an dochair a bhaint as a chuir sé an t-agús sin ann. Thuig sé go raibh an anachain déanta aige, agus an tairnge ins an mbeo]/ Thóig sé suas ort é muis. Tá sé sin an-aisteach. Ní chuimhneochaidh sé chor ar bith gur sciorradh focail a d'eirigh dhuit. Má's leat an dochar a bhaint as anois, níl agad ach a tharraingt anuas aríst an chéad oíche eile, agus an chaint cheart a chaitheamh a dhú (: dó) nae (: nó) trí de chuarta i riocht agus go dtiocfaidh sí isteach ins na cluasa go maith aige / Dhá gcloistheá an nathuidheacht a bhí air. Chaith sé an oíche ag cur chaoi ar choiníní, agus mé ag ceapadh 'chuile phuínte go bhfeicinn buailte ag an dream seo thiar é, mar dhóigh dhe gur ag scaoileadh aca féin a bhí sé. Ach bhaineadh sé an dochar as aríst ar ais len a chuid leiciméar-acht' / Ní dochar ach sochar a dhéanfas sin duit = má ghníonn tú é sin, 'sé do leas, agus ní hé t'aimhleas a dhéanfas tú /[Bail ó Dhia ort! Má theigheann tusa soir annsin thoir 'na'n aonaigh agus péire banbh a cheannacht le airgead an ghearrbhodaigh eile, ní dochar ach sochar a dhéanfas sin daoib beirt. Cé fearr dó in a chomhnuí mar airgead. / M'anam nach dochar, ach sochar — agus sochar mór freisin a dhéanfadh múr báistighe anois. Tá 'chuile shórt spalptha / Ba aon-chás amháin duit dochar le sochar a dhéanamh dhó, arae 's mar a chéile an buidheachas a bhéas aige ort. Dhá ndéanta an saoghal dó, bheadh sé in t'éadan lá'r na bháireach / Is corr an sórt duine é. Déanfaidh sé an sochar agus an dochar duit i dteannta a chéile. Níl aon-duine in Éirinn is grádhdiadhamhla ná é. Roínnfeadh sé an greim a bheadh sé a chur in a bhéal leat. Ach dhá dteigheadh sé amach an núiméad (: nóiméad) in a dhiaidh sin, agus asal leat a fháil istigh ins an sean-riasc bréan siúd thuas aige, bheith -eá istigh aige an chéad-chúirt eile]/ Níl an dochar ná an sochar ins an gceann céadna. Ní chuirfidh sé ann ná as duit. Bhí a athair féin amhlaidh /

Dheamhan dochar ann, ach tá sé mar sin leis an sochar. Níl an mhaith ná an t-olc ann. Sin é an chaoi a bhfuil sé / Dar príosta hébrí cé'n sochar a rinne sé do na daoine, ní fhéadfadh duine ar bith a rádh go ndeárna sé dochar. Chonnaic muide an-tsoilgheasach ariamh é — an fear croidhe / Níor chumaoin dó a dhul ag déanamh sochair ar bith dóibh sin, agus a ndearna siad féin de dhochar air cheana. Ach d'orduigh Dia maith in aghaidh an uilc chreidim /[Ba ghearr le dhul a chuid sochair ar ghualainn a chuid dochair. Chuir sé amach a raibh ins an leath thoir de'n dúithche ar fad, agus mar gheall gur shásuigh sé é féin, d'fhága sé cupla tunónta a bhí salach, i seilbh annseo. Nachar mhór an sochar é sin — nachar mhór! / Ní gan dochar na bainbh chéadna a cheann -acht, ach má's le duine an saoghal a righeachan, ní mór dó a bheith ag pléidh le rud eicínt. [ní gan dochar = ní gan poll maith in do chuid airgid bainbh a cheannacht; ní ingan fhios do do sparán nó do do phóca é]]/ Tá a fhios ag mo chroidhe nach gan dochar a dhul ag ceannacht éadaigh anois, ach caithfidh na daoine a gceannacht maran leo im-eacht in a gcraiceann / Ní gan dochar a dhul isteach idteach ósta ar an saoghal seo. Pionta dhuit féin agus do do chomráduidhe dhá scilling. Cé'n bhrigh ach má bhíonn fuisce ins an deoch! /[Ní gan dochar bicycle a fheistiú anois, dhá mbeadh na bícéid a bhíos air le fáil féin — rud nach bhfuil! Bhfuil a fhios agad cé mhéad a thug mé ar dhá "tyre" anuiridh ins an mb. Trí phunt coróin. Ó dheamhan an oiread agus a dhéanfadh torann ar leic a fuair mé as. Ach buidheach beannachtach a bhí mé agus a bhfáil ar an méid sin fhéin]/ [Níor chuala mé "dochar" ins an gcéill thuasluaidhte (= laghdú ar do chuid airgid) ach mar sin: "ní gan dochar agus rl. Ach d'fhéadfá a rádh freisin: "is dochar mór do do sparán, (do do phóca etc.) bainbh a cheannacht anois"] Ní dhearna sé díth ná dochar dó = ní go minic a bhíos sé seo igcaint ach amháin i sean-amhráin agus i sean-phaidreacha, ach deirtear scaithtí é mar sin féin / Ní dhearna sé dochar ná díobháil d'aonduine ariamh = 'sé "díobháil" focal cuingire "dochar". / Is fada fada a bheinnse ag dul an bóithrín shul (dh)a chuimhneóchainn dochar ná díobháil a dhéanamh do do cheapaichín phlandaí. Leag ar an dream é a bhíos tugtha síos leis an bhfoghail i gcomhnuí / Cé a dhéanfadh é ach an dream a ghníos an dochar agus an díobháil i gcomhnuí? Tá sé de bheith

ar na h-aidhbheirseoirí sin nach leigfidh siad rud ar bith tharta gan araoid a chur air. Tá sean-aithne agamsa orra sin /[Sin rud nach bhfuair aon-dhuine ann féin ariamh a rádh liomsa, go ndearna mé dochar ná díobháil do bheithidheach a bheadh aige. Ní dhearnas muis. Dhá mbeadh an chloch ins an muinchille agam do dhuine ní ar a bheithidheach a ghabh -fainn dhá ídiú. D'ídeochainn air féin é]/ Mo chuid tubaiste dhó, gan dochar gan díobháil duinne! = ní mian liom go bhfearfadh aon-cheo de'n eascainidhe a chuirim airsean, orm féin ná ar aonduine dá mbaineann liom, ná dá bhfuil in aon-mhuirghín liom go h-áirid / Brughadh agus ding air, gan dochar gan díobháil dúinne! /[Má tá slaghdán air, go ngreamuighidh sé dhó muise, gan dochar gan díobháil duinne! / Bail na codach sin ar an gcuid eile dá bhfuil aige, gan dochar gan díobháil domsa. Dhá bhféadadh sé féin rud a chur as do dhuine, is umhal éascaidh a dhéanfadh sé é / Ní mór liomsa do'n bhrútaidhe caochshrónach sin a bhfuighidh sé gan dochar gan díobh-áil duinne, dár gcuid ná dar muintir amuigh ná ins an mbaile!]/ Sin é anois an duine deire dhá chuid cloinne imighthe uaidh. Tá sé fágtha gan Murrchadha gan Mánus anois. Tuilleadh diabhail anois aige gan dochar gan díobháil duinne, dar gcuid ná dar maoin. Ní shin í mo chéad eascainidhe air muis, agus fearann an eascainidhe ar chaoi eicínt. Ba bheag an scr-uball a bhí aige féin eascainidhe a dhéanamh ná daoine a dhíbirt. Tá sé faighte faoi na foraí aige féin anois /[Go lagaidh Dia é muis, gan dochar gan díobháil domsa. Ní chaoinfidh mórán é as cionn cláir. Má chaoineann ní h-iad mná an Bh. L. iad ar chaoi ar bith. Shaothruigh siad sin an saoghal aige / Cé'n áit a bhfuil an dochar? = cé'n áit a bhfuil an fabht, an donacht, an gortú, an phian, nó an éagcaoineadh ort?]/ Cé'n áit a bhfuil an dochar ar an mbó? / Ní bheadh a fhios agad cá'il an dochar chor ar bith. Deir sé féin amanntaí gur in iochtar a bhrún é, amanntaí eile isteach díreach in a imleacán. Tá an phian cho luaithneach leis an ngaoith má's ceart géilleadh dó féin. Tá an dochtúr sifleáilte (: shuffleáilte?) aige cho maith le duine / Sin é an giodán muis a bhfuil an dochar ann — isteach in mo chorróig. Gortuigheadh ann mé fadó an lá, in áit ar thuit maide orm thuas ins an gcoill. Níor éagcaoin mé ariamh ó shoin é go dtí le rí-ghairid /[Tá buadh eicínt aige. Níl baoghal ar bith nach bhfuil. Níor fhiafruigh sé a dhath dhíom ach an oiread agus atá tusa a fhiafruighe dhíomsa, ach siubhal anall go dtí mé. "Annseo atá an

dochar" adeir sé, go leath-fhánach agus rug sé ar na féitheacha faoi'n nglúin, agus bhain sé fáscadh asta. Chuir sé pian bheag orm, ach ba bheag an bhrígh í le h-ais an phian ghártha a bhíodh orm roimhe sin. "Teirigh abhaile" adeir sé. "Tá sí deasuighthe. Ná corruigh í go ceann trí seachtainí go snumaidh (: snadhmaidh) sí ceart. Féadfaidh tú a bheith ag déanamh teanntáis uirre annsin i leabaidh a chéile." Sin é an fear a bhfuil an scil i gcnámha aige! / Ins an ngualainn atá an dochar. Ní fhéadfadh sé a láimh a lúbadh thairis sin anois slán an tsamhail. Ní raibh sé baoghal ar cho dona sin i dtosach, ach ní dheacha sé roímpe in am / Beannacht Dé dhuit, bhí siad do mo chartadh agus do mo strachailt ar feadh seachtaine imbéal a chéile. Chuir siad an rud eile sin orm — an X-ray. Ach ní raibh siad indon an dochar a fháil in a dheidh sin gur 'sbáin mé féin dóib é / An bhfaca tusa an docht -úr dubh? Thug S. Sh. amach é len a chuid tinneas droma a leigheas. Níor fhága sé snáth air, agus chuir sé ar a bhéal faoi ins an leabaidh é. D'innis S. Sh. dó cá raibh an dochar. "Annseo" arsa seisean agus bhuail sé a shean-dorna anuas ar an gcaoldruim air, agus chuir sé snamannaí (: snadhmannaí) ins an leabaidh air. Ach cho luath agus a fuair S. a anáil leis, d'eirigh sé de léim chascartha agus fuair sé an píce. Bhí an dochtúr dubh leigthe leis féin agus níor mhór dó féin go raibh. Ní changlóchadh sé aon-fhata go bráth aríst!]/ Tá an dochar istigh fós = máthair an droch-ábhair, nó an ghaimh i lot / Leig mé seile aisti ach shéid sí suas 'un bracha aríst. Tá an dochar istigh fós / Tá an dochar istigh ins an lot fós, mara dtugaidh an ceirín seo amach é. 'Sé an ceirín é a chonnaic mise ag dul len a léithide ariamh / Is danra an lot é sin anois, nach féidir an dochar a thabhairt as. Má chinneann seo anois ort, caithfidh tú teanga an tsionnaigh a chur léithe. Sin í an cailín a thiubharfas an dochar amach. Ní fhágfaidh sí a dhath ann ar feadh lá amháin / Rinne a mhéir braon. Leig sé í. Shílfeá go raibh cneasuighthe di. Bhí ainfheoil ag teacht i mbéal an ghearrtha taobh amuigh. Ach rinne sí seile in ath-uair. Droch-sheile. Leig sé aríst í. Má leig féin níl ag cneasú dhi. Is méir bhocht í. Tá ábhar i gcomhnuí innte, ach dair leat féin nach bracha é in a dheidh sin. Mar dteighidh sé roímpe gan mórán achair, fiachfaidh (: féachfaidh) sí é, mar tá an dochar istigh innte fós /

Níl de dhochar ann ach an oiread le páiste = tá sé simplí, deagh-chroidheach.

Is beag an dochar duit náire a bheith ort = tá air agad náire a bheith ort;
tá ceart agad náire a bheith ort; tá údar náire agad, bíodh náire ort
nó na bíodh; is suarach an t-iongnadh dhuit náire a bheith ort. / Is beag
an dochar duit náire a bheith ort ag leaduidheacht istigh annsin lá breagh
samhraidh i leabaidh dhuit a dhul amach igcíonn do chuid oibre. Meastú an
bhfuighidh tú beatha ó Neamh annsin ar do ghugaide! /[Is beag an dochar di
náire a bheith uirre ag imeacht in a rúisc cho mí-chuíbheamhail ar bhóithrí
annsin síos. Ba chóra di go mór luaith bhuidhe na seachtaine a chur amach
ins an mbaile / Má tá sí beaithte féin is beag an dochar di. Sin é a
maith agus a maoin ó Lúan go Satharn. / Is beag an dochar dó cluasa te a
bheith aige agus ar dubhradh faoi annseo ó a tháinig oíche. Diabhal a (= bhur) leithidí a chonnaic
mé ariamh ag cóiriú daoine. Is beag a thaithneochadh sé lib féin, dhá dtos-
uigheadh daoine eile ag flith-mhagadh fúib. Is gearr go mbeadh "te te"
ann / Is beag an dochar do Ph. fuacht féin a bheith air, thuas annsin ar
aghaidh na rithteachta ó mhaidin ins na bárrannaí garbha sin, agus an gála
dhá chriathrú. Áit gan fascadh ar bith é. Is maith an clúdadh nar mhór do
dhuine a bheith air agus an aimsir atá ann — aimsir choimhigheach críochnuighthe /
Is beag an dochar dó. InDomhnach daoine atá luath láidir féin, is beag an
acmhuinn oibre atá aca ar an mbeatha atá ag imeacht anois, ní áirighim
eisean a bhfuil aois an phinsean bailighthe aige. 'Sé cuid an bheagáin atá
fear deich mbliana agus trí fichid indon a dhéanamh]/ Ba bheag an dochar di
codladh féin a bheith uirre agus í seachtain as éadan a chéile ar neamh-chodladh,
ar scáth néillín fhánach a d'fhaghadh sí indeireadh oíche. Is agamsa atá a fhios
é. [Chaith mé féin ráithe in mo dhúiseacht ó oíche go maidin an t-am a raibh an
treoch ar an gcuid a bhí annseo agam féin]/ Is beag an dochar di a bheith
céasta féin agus an rúacán d'fhear atá aice. [Ag imeacht ag ragairne agus ag
ól ó oíche go maidin agus in a chodladh go h-eadarshuth annsin, agus ma (dh)eireann
sí aon-cheo leis, í ithte, sceanta, buailte aige. Is olc an áit ar chuir a
h-athair í]/ Is beag an dochar do'n dithreabhach sin an ghearradh-ghíonnach a
bheith in a phutóig scáth a bhfaghann sé ag baile. Tá an leas-mháthair in a
droch-cheann dó, agus maidir leis an athair níl sé indon aon-cheart a sheasamh
dó féin, gan trácht ar aonduine eile. / Is beag an dochar dó a gcailleadh
air. Nach shin é an ghiollaidheacht a thugas sé orra. [Ar an dá luath agus a
mbeirtear iad, a gcaitheamh amach ins an ngarrdha agus a bhfágáil annsin,
agus cead aca beatha a bhaint as a gcrága. Ní mór do'n laogh aire an leinbh,
bíodh a fhios agad]/

docharach: aidiacht as "dochar".

docharach: díobhálach; mísceamhail, domáisteach, gangaideach, gaimheamhail, fabhtach, dona, pianmhar; treampánach; docht, daingean, cuibhrighthe; daor, costasach

[Ní mórán leas a baintear as "docharach" le h-ais an ainm-fhocail "dochar". Níl sé baoghal air cho coitianta mar aidiacht agus atá sé mar ainm-fhocal].

Is daor docharach an spóilín é (fc. daor) / Chuir sé ceangal na naoi ndaor go daortha agus go docharach orra (fc. daortha) / Is docharach an duine é a dhul ag bualadh aonduine mar sin = duine díobhálach /[Nach docharach an bealach atá leis a dhul ag milleadh cuid aon-duine mar sin. A fhuagairt do na póilíos a bhí a dhéanamh. / Duine docharach atá ann dhá bhféadadh sé a dhéanamh. Ach is mór is fiú nach bhféadann / Tá an sionnach an-docharach i mbliana. Shlad sé na daoine. Ní anois is measa é, mar níl sé ag tógáil aon-chuain. Ach fan leat go mbeidh]/ Is docharaighe go mór an lobhadh bán ná an dubhachan. Speireann an lobhadh bán na dasachaí ar fad, ach déanann siad seasamh eicínt de bhárr an dubhachain. Is beag is ionann le chéile iad / Dhá mbadh docharaighe an drúis ná an ghaduidheacht, breagh go gcuirtear príosún ar fhear na gad-uidheacht', agus go bhfaghann an ceann eile cead scuir. Dhá bhfaghainnse cead mo chomhairle féin 'sé fear na drúise a ghabhfadh ins an bpríosún. Is corr-dhuine a fheicfeas tusa ag dul le gaduidheacht mar a gcinnidh an saoghal air. Má chinneann, dheamhan neart aige air. Caithfidh sé treabhadh nó tiomáilt (: tiomáint) a dhéanamh / Is docharaighe go mór an mhíol -tóg ghéar ná a bhfuil d'fhothachaí amuigh. Sin iad na h-aidhbheirseoirí ar chaoi ar bith. /[Tuige nach mba docharaighe an cancar ná an eitinn. Leigheas-tar cuid mhaith daoine as an eitinn anois, má theigheann duine roímpe in am, ach maidir le cancar, níl aon-leigheas in a chíonn, má bhuaileann sé duine. Deir siad go mbíodh sean-daoine dhá leigheas fadó le luibh eicínt ach ní maith go gcreidim é sin. Bhídís ag leigheas 'chuile shórt má b'fhíor dóib féin. Is mór an t-iongnadh go bhfaghadh duine ar bith bás an uair sin! / Má's fíor do'n mhisinéara, níl nídh ar bith faoi'n saoghal cho docharach leis an bpoitín. Má tá sé cho dona sin is iongantas go mbeadh aon-phlé ag sagairt leis — agus bíonn / Dar fiadh tá gearradh sáthach docharach uirre. Annsin ar an ngruaidh, slán an tsamh-ail. An uair a caitheadh de'n bhicycle in aghaidh an sconnsa í, rug spiacán cloiche uirre / Is docharach díobhálach an t-aon í = díobhalach — focal chuingire "docharach" / Maidir le Seán 'sé is docharaighe /

drochóirí — ainm fhocal — iolraidh is cosamhail. Níl a fhios céard is uathaidh ná is inscin dó.

drochóirí — droch-thráth; an tráth contráilte; tráth na geise nó na teire; tráth na tubaiste, an droch-chuir, an mhíadha; mí-thráthamhlacht; an-tráth.

"Trathnóna Dé Céadaoin ar na drochóirí dóibhsean,
Tháinig fear ceoil ar an mbaile" (amhrán — "Creathnach Sheáin Bóirne")
Ar na drochóirí dóibhsean — ins an tráth contráilte dóibhsean; idtráth an chatmara dóibhsean; níorbh fhearrde iadsan go dtáinig sé arae ba tuar míádha agus mísce dóibhsean a theacht agus go h-áirid an tráth a dtáinig sé.
"Chuir sí fios ar bhean feasa ar na drochóirí di féin" (líne as amhrán — "Máirín Deas Bhéal Tuinne") = chuir sí fios ar bhean feasa agus ba tuar léin di sin agus ins an am ar chuir sí fios uirre go h-áirid.

Tháinig sé ar na drochóirí dhó fhéin — an t-am ba mheasa dhó a theacht. Bhí droch-thuairt faoin a chomhair / Rinne sé é ar na drochóirí dó féin, agus bhí a shliocht air: ní fhaca sé aon-lá de'n ádh uaidh sin amach. Bhí saidhbhreas na saidhbhreas aige an uair sin. Ba leis B. Bh., F., G. agus áiteacha tharta. Bhí dath gach bó ar shliabh aige, ach tháinig an díleaghadh ar fad ar a chuid. Leagh a raibh aige — deis beithidhigh agus eile — anuas in a ghlaedh ghlas. Ins an "bpoorhouse" a fuair sé bás. Is deacair a rádh nach h-olc an rud a dhul in aghaidh comhairle mhaithe / Bhí sruth agus gaoth leis ins an L. agus é ina shuidhe go te. Bhí dhá ghabhaltas talmhana aige agus an saoghal ag feithiú leis. Níl aon-aonach beo nach mbíodh deich nó dó dhéag de bheithidhigh sheasca aige ar an aonach sin thoir. Ach tháinig uabhar air. Dhíol sé teach agus talamh agus a raibh ann agus síos leis ar shlata na G. ar na drochóirí dhó féin. Céard tá dhá bharr aige indiu. Thíos annsiúd ag faire ar an bpighinn, go dteighidh sé amach agus go gceannuighidh sé ioscaidín tae le h-aghaidh a bhricfeasta léithe. Diabhal bréag narbh shin í an imirce uabhair aige — ní dhá roint leis é / Chaith sé an chaint sin ar na drochóirí dhó féin. Bhí an ceann eile (: duine eile) ag faire air leis an bhfocal a fhastú, agus, mo léan géar, 'sé a d'fhastuigh. Deir siad é: "ar adharca a bheirtear ar na ba ach ar thea{nga} ar na daoine". Is daor a chuaidh na cupla focal cainte sin air / Ní raibh comhairleachan in a chionn. Phós sé í. Phós ar na drochóirí dhó féin. Níor fhága sí bonn bán air. 'Sé an chaoi a mbíodh na páistí a bhí aca amuigh is 'chuile

theach ar an mbaile ag forcabhás — na créatúir — go réidhtighthí blogam tae. Iad leath-chaillte ins an mbaile. Dhá mbeadh breith ar a aithmhéala aige ní phósfadh sé an uair sin í ach in a dhiaidh a feicthear do'n Éireannach a leas / Chuaidh mé ar cuairt ann aréir ar na drochóirí dom féin. Is gearr gur bhrugh an teach isteach le lucht cuarta — muintir Sh. Mh. Thosuigh na cleis. Chuir L. Sh. splaincín dhearg faoi bhonnachaí N. ar an teallach. Ar an dá luath agus ar theang(mh)uigh an teas leis an gcois ag N. d'eirigh sé in a bhruighshléacht agus rug sé ar an tlú, agus orm féin a b'áil leis é a ídiú a bhí cho saor air leis an bhfear nar rugadh. D'eirigh mé féin — ní raibh a mhalrait le déanamh agam — go dtugainn mo bheanna liom. Aniar ar an slinneán a fuair mé é. Diabhal brigh é, ach tá sé sáthach tinn. Bhí an dream eile dhá shagdadh — "set" (: muintir) S. Mh. Bhí N. i bhfiadhántas ceart. "Déanfaidh mé do lá" adeir sé. Cheap mé féin nach raibh rud ar bith ab fhearr dom a dhéanamh — ó a tháinig mé cho saor sin — ná a theacht abhaile. Sin é an bhail a chuir mo chuid cuartuidheachta orm fhéin. / Cheannuigh mé péire banbh annseo anuiridh ar na drochóirí dhom fhéin. Rinne siad muca breagha. Ach an uair a bhí siad tóigthe ceart agus i gcruth a ndíol, sin é an uair a d'imigh siad. Cailleadh iad — ní ag ceasacht ar Dhia é. Níor eirigh aon-mhuic ariamh linn. Tá anachain muc orainn — ní ag ceasacht ar Dhia. An uair nach n-eirigheann siad leat bhí sé cho maith ag duine leigean asta ar fad. Is mór an carghaos péire breagh muc a fheiceál ag imeacht agus thú scriosta dhá dtógál (: dtógáil) / Shílfeá nach mbeadh breith aige ó indiu go dtí ambáireach go dteigheadh sé ann. Ag strócántacht 'chuile lá ag iarraidh imeacht an uair a chonnaic sé na gearrbhodaigh eile ar fad ag dealú leo. Sin é a raibh ag cur síos leis — Sasana. D'imigh sé faoi dheireadh ar na drochóirí dhó féin. Ní raibh sé leath-bhliain imighthe — an duine bocht — an uair a marbhuigheadh é … i gCoventry an t-am a raibh na "haeroplanes" ag caitheamh anuas. Níor fritheadh a dhuth ná a dhath ná a thuairisc ariamh. Buaileadh an "shelter". Ní raibh mac an aoin bheo istigh ann nar criogadh. Níor fritheadh a gcnámha féin. / Tá sé ag dul soir anois muis ar na drochóirí dó féin. Daol eicínt a bhuail anois é. Tá sé ag dul ar an ól go siúráilte. Diabhal bréag muis nach bhfuil dream annseo thoir atá indon síneadh leis. Tiocfaidh sé anoir deireadh oíche, agus a phócaí sciúrtha / Ar na drochóirí dhó féin a bhuail sé faoi'n "mótar" sin. Tá daoine ann le h-aghaidh "mótars" ach m'anam narbh eisean é. Níl aon-mhaith ag talmhuidhe a bheith ag comórtas le buicíní maran leis

féin a chuid talmhana a chaitheamh in aer agus ceird a dhéanamh de'n mhótar. Ach mhaidir le 'bheith ag iarraidh an dá thráigh a fhreastal m'anam go bhfuil sé fánach aige. Sin é an rud a d'fhága cosa Ph. nighte ach ní raibh aon-ghoir ag aonduine a dhul ag cur chomhairle air: "a chomhairle féin do mhac dhanardha" adeir siad. / Ba ar na drochóirí dhó féin é an chéad lá ariamh a ndeachaidh sé ag pléidh leis an mbeainc céadna. Tá an beainc indon é a phléidh le duine freisin. Chuaidh sé isteach gur thóig sé "lab" ann, agus tá na stéigeachaí bainte as ag iarraidh a bheith dhá íoc ó shoin. Tá an t-airgead caithte agus dheamhan mórán smaise a fheiceas muid air-sean dhá bharr ach oiread. Ní robáil go h-éag ach na beainc-eanna céadna. Dar príosta, caithfidh siad a gcuid féin a fháil hébí (: pé'r bith) cé a bhéas ar deire / Cheannuigh sé an chú sin ar na drochóirí dó féin. Thug sé lán-laidhre uirre agus dheamhan cianóg ruadh a chuir sí síos in a phóca ariamh ná a chuirfeas go bráth. Cé'n bhrigh ach a dtarraing -eann sé de chostas air ag imeacht is 'chuile áit léithe /

Ar na drochóirí dhuit nar fhan tú as! = eascaine. Go mbadh tuar léin duit é an áit sin a thaobhachtáil; ba é do leas é fanacht as. /
Ar na drochóirí dhuit nar eirigh an uair a bhí sé annseo. Dhá n-eirightheá cá bhfios nach obair a thairgfeadh sé duit. = Ba shin é tráth an ádha dhuit a bheith in do shuidhe an uair a bhí sé annseo. Ach is tráth míádha gach uair eile dá mbíonn tú in do shuidhe / Ar na drochóirí dó nar imigh anonn go Sasana agus rud eicínt a shaothrú ann a thiocfadh 'un sochair dó féin agus dá mháthair. Ach ba bheag an baoghal air. B'fhearr leis in a thaidhbhse istigh annsiúd ag breathnú ins an straois uirre agus ag leiciméaracht ó'n leabaidh go dtí an teallach. Nach deacair a bheith ag iarraidh maitheasa ar chuid de na daoine = tá an rud i gceist annseo nach mbeidh saothrú i Sasana i gcomhnuí agus go mbadh é leas duine a thapú an fhad agus atá sé ann. / Ar na drochóirí dó nar phós an uair a bhí aige pósadh, agus gan é a bheith ag imeacht in a shraithrín anois indiaidh cailíní óga, agus ag caoineadh na h-óige. An uair a bhí aige gna (: gno) a dhéanamh leis an óige níor thapuigh sé í — níor thapuigh sin / Ar na drochóirí dhuit nar íoc an madadh sin an uair a bhí agad a íoc thar agus a bheith dhá íoc faoi dhó anois, agus ag tarraint póilíos ag an teach 'chuile ré soluis /

Druimnochttha: aidiacht, do-bhriathar.

Druimnochttha — an druim a bheith nocht gan chlúdach gan ughaim ar bith ná gléas; amach agus amach.

Capall (asal agus rl.) druimnochttha = capall (agus rl.) gan aon-ghléas ná ughaim ná dromacán ná diallaid ná a leithidí eile / Capall druimnochttha a bhí aige. Dheamhan diallaid a chuir sé ar aon-chapall ariamh. Ní thaithnigheadh eirghe indiallaid leis. / Ní raibh srathar ná cléibh ar an asal. Druimnochttha a bhí sé / Croch leat an capall druimnochthta mar atá sí agus rith siar in a choinne thálta (: ó thárla) go bhfuil na "bicycleachaí" buailte suas. Tuilleadh glugair aca! Ní raibh aon-chaoi ariamh orra an uair a bheadh call leo / An druimnochttha a bhí sí nó an raibh diallaid aige. Dheamhan diallaid ins an tír anois cé's moite de cheann atá ag P. Mh. Anois a d'fheilfidís muise agus cho gann agus atá "bicycles" / Capall druimnochttha a bhí againn. Eisean ar béala(ibh). Mise ar cúlóig. Bhuel bhí sé ag baint caor-theínte as an mbóthar anuas Árd Th. agus é 'na h-uaire móire orm féin agus gan a fhios agam cé'n puinnte a gcuirfí go talamh mé agus a scoiltfí mo bhaithis in aghaidh an bhóthair / B'fhearr liom a dhul ar chapall druimnochttha uair ar bith ná a dhul i dtuilleamuí diallaide. Má theigheann scéin ar bith innte (: ins an gcapall) is mór an chontabhairt í an diallaid. Is maith nach mór duit a bheith in do mharcach le fanacht indiallaid, má thugann an capall léim leathtaoibhe. Tá a fhios agam é a mh'anam. Ach ar aon-chor is mó go mór a thóigfeas an diallaid duine ná an capall druimnochttha. Is beag is ionann iad. / Bhí an S. bailighthe soir go fada ag J. an uair sin. Dheamhan easna dhó-san nach mbaineann anuas an jaunt annseo amuigh — Bhain a mh'anam — agus fáscadh ar an gcapall druimnochttha agus as go bráth leis soir in a dhiaidh. Chuaí sé sínte soir an S. agus chuaidh sé fhoisceacht "mbeannuighidh Dia" dó gasúr le M. Mh. a mharbhú. Thoir ag bóithrín an tS. a scoth sé é. Thosuigh sé ag glaodhach ag dul thairis amach: "High for" caiple druim -nochttha adeireadh sé. Cé'n bhrígh ach "caiple druimnochttha" go deimhin! / Ní raibh ughaim ná dromacán ná diallaid uirre ach í druimnochttha mar a bhí sí an lá ar rugadh í. Ag fear Achréidh ar imigh a chapall uaidh annseo thoir lá aonaigh a chuala mé é. Sé'n dromacán an gléas a bhíos

uirre leis an gcéachta. Marab é muise, diabhal a fhios agamsa céard é féin. Céard é mar sin? / "Is breagh an láir de chapall í ach a feiceál drom-nochttha" adeireadh P. Sh. Dh. le capaillín beag dubh nach dtiubharfá do sheacht mallacht uirre a bhí aige fadó. "Ach, dar brigh an leabhair a Sheáin cuireann an gléas as a slacht ar fad í". / Fáisc uirre druimnochttha agus ná bac leis an gcarr. Is amhlaidh is lugha trioblóid duit féin é. Má theigheann tú de do mheath féin leis an gcarr, dheamhan anoir a bheidheas tú go mbeidh an dubh ar an oíche anocht / Tháinig saimhín-aireach air ó bheith ag marcuigheacht druimnochttha ar chapall a bhí aige — capall a raibh 'chuile chnáimh ag gabhail léi ag freagairt thrín a craiceann. Chaith sé bliain cróilighthe dhá bárr / Druimnochttha atá agad a dhul dhá marcuigheacht /

Ar mharbhuigh sé druimnochttha é? = duine a mharbhú agus badh é cionntsiocair fhear a mharbhtha uilig é. Mharbhóchadh sé imbéal an tseoil, i lár an bhóthair, nó istigh uilig ar colbh, nó ar an móinín bán é. Ní bheadh neart ar bith ag an té a mharbhóchthaidhe ar an scéal. Druimnochttha cuirigcás a mharbhóchtaidhe coinín nó girrfhiadh nó a leithidí. Thiubharfaidís gach uile thabhairt orra féin leis an mbás a sheachaint. Is é a fhearacht sin é ag an té a marbhóchadh fear gluaisteáin é, ar an móinín bán, nó in áit nar cheart d'fhear an ghluaisteáin sroicheamhaint cho fada leis. /

Marbhuigheadh fear thiar ar an mbóthar annseo an bhliain cheana. Istigh ar cholbh an bhóthair a bhí sé. Marbhuigheadh druimnochttha é / Níl gna (: gnó) ar bith aige sin do mhótar — ag marbhú daoine as éadan druimnochttha. Is mór an chontabhairt do dhuine ná do bheitheadhach é. Dhá mbeadh aon-rath le na póilíos ní fhágfaidís ar an mbóthar chor ar bith é / Is mé an chéad duine a casadh ann. Diabhal maith dhá shéanadh. Mharbhuigh sé druimnochttha é agus é a mhartrú in aice sin. Le mo dhá shúil féin a chonnaic mé é / Bhí mé istigh ar an "side walk" agus dheamhan easna dhó nar scríob le mo threabhsar: puicneach mhór ruadh agus spéacláirí air. "Is diachta dhuit" arsa mise "nar mharbhuigh druimnochttha mé ó a chuir tú do láimh ann. Ach teara amach as an mótar sin" arsa mise "agus traoálfaidh (: try) mé annseo thú agus annsin a bhéas cé hé searrach na deagh-lárach. Dheamhan "thú ná mé" adubhairt sé ach lascadh leis aríst

agus níor fhiafruigh sé amháin ar eirigh aon-scríobadh dom. Nach dona a chruthuigh mé nar thug suas do'n phóilí é. Sin é a bhainfeadh an saghdar as deirimse leat / Marbhuigheadh an duine bocht sin cho druimnochttha agus a mhar(bhócht)aidhe coinín nó girrfhiadh. Beannacht Dé dhuit. Ní raibh aon-cheo dhá chionn-tsiocair fhéin len a bhás ach an oiread liomsa. Ó fiafruigh thusa de'n dream a bhí ag an gcuisle é (: coiste dháréag). Sin iad atá indon a innseacht duit. Ach plúchadh an scéal in a dhiaidh sin le neart caraideacha. Sin é an duine bocht igcomhnuí. 'Chuile shórt ag luighe ar an lagar agus an lagar ar an talamh / Tuige — go dtigh diabhail di — nach mbainfeadh sí airgead díob. Nar marbhuigheadh a fear cho druimnochttha agus a mharbhóchthaidhe coinín i bpáirc. Fear ar bith a raibh a láimh leagtha aige ar an gclaidhe. An bhfaca tusa ariamh an fear sin nach istigh le claidhe a shiubhalfadh sé. Ní fhaca, ná aon-fhear eile. Ach bíonn fód an bháis le claidhe féin / Tá lucht "mótars" leigthe leo fhéin ar fad. Is gearr nach mbeidh sé in araidheacht ag duine an bóthar a shiubhal aca. Ar chuala tú faoi'n bhfear bocht sin a marbhuigheadh i mB. na T. an lá faoi deire. Marbhuigheadh a mh'anam druimnochttha. Ag siubhal anoir ar an "walk" siúd le fairrge a bhí sé an t-am a dtáinig carr agus scuab sé leis síos ins an tráigh é. Mionuigheadh é. Bhí fear an chairr ar a dhearg-mheisce ach dheamhan thiomanta blas a d'eirigh dó fhéin ná de'n mhótar. Anois an bhfuil biseach agad? / Chloisinn T. ag cur caoi fadó ar fhear a marbhuigheadh annsin. Fear a bhí ag déanamh aithgiorra thrí na páirceanna, a bhí ann. Bhí uaisle eicínt amuigh le caiple rása timcheall an tighe mhóir annsiúd. Dhá múineadh le h-aghaidh rástaí a bhí siad chreidim. Rinne duine aca anonn caol díreach ar an bhfear bocht a bhí ag dul treasna. Dheamhan fios rúin ná soiscéil a bhí ag mo dhuine bocht. Ná raibh ann nach gcuireann an duine uasal an capall in a mhullach agus choinnigh sé an capall ag talltú air nó gur mharbhuigh sí é. Tabhair thusa marbhú druimnochttha ar sin. 'Sé a bhí druimnochttha. Amuigh ar lom na páirce. "Murder" a bhí ann — ní tada eile. Bhí an dlí ar fad aca fhéin an uair sin. Cho uain agus a mhair an sean-Bh. dhá bhfeiceadh sé duine ar a chuid talmhana nach scaoileadh sé faoi leis an ngunna. /

Dlighteanas — ainm-fhocal. Fireann. Iolraidh — dlighteanais.
Dlighteanas — Rud (: airgead, cáin, cíos, fiacha agus rl.) a dlighfidhe (fc. dligh); rud a bheadh amuigh; rud a mbeadh sé de dhualgas ar dhuine a íoc; dualgais

Tá dlighteanas mór amuigh ag Ameriocá ar Shasana ach measaim nach bhfuil aon-rún ag Sasana a íoc. Tá siad ag dul anonn agus anall leis an scéal ó bhí an cogadh ann (: cogadh 1914) agus dhá chur ar an méir fhada i gcomhnuí. Sin páirt de ghleacuidheacht Shasana. Tá na fir is "smeartáilte" (: smart) faoi'n domhan innte agus níl aon-mhaith d'aonduine a athrú a rádh / Ní chomhairimse gur dlighteanas (: fiacha) chor ar bith é sin. Chuir sé orm é gan iarraidh gan athchuinge; ach dar ndóigh níl aon-fhiadhnuisí agam, agus má tá sé ins an leabhar in m'aghaidh — agus tá — caithfidh mé a íoc / Tá caint mhór ag Sasana ar na dlighteanais atá amuigh aice ar an tír seo, ach níl caint ar bith aice gur bhain sí amach ar gcuid talmhana le créatúlacht, agus go bhfuil sí anois ag iarraidh orainn a íoc ar ais léithe. Déirce dhá chuid féin do'n amadán. 'Seadh inDomhnach. Is fir gan fuil iad muintir na h-Éireann má thugann siad "na h-Annuities" di. Ach tá cuid aca ag strócántacht ag iarraidh a dtabhairt di. Muid féin a dhíol a chéile ariamh — ariamh ins an saoghal / An té nach n-íocfaidh a chuid dlighteanais is cneamhaire é! Deile céard é. Nach gcloiseann tú ag an sagart 'chuile Dhomhnach é. Agus nar chuala tú in do chuid Teagasc Críostuidhe é: "Ar bhfiacha dlisteanacha a íoc agus a cheart féin a thabhairt do 'chaoinneach". Má choinnigheann Debhalera na "h-Annuities" is le bheith in a chneamhaire dhó é. Fuair muintir na h-Éireann an talamh ar chúntar go n-íocfaidís na h-Annuities agus ní le muintir Shasana a d'íocfaidís iad ach oiread ach le cuid de mhuintir na h-Éireann a thug iasacht uatha go gceann(óchth)aí an talamh. Ag scrios an mhuintir se'againn féin atá muid le na "h-annuities a choinneál. Do dhubhshlán-sa an méid sin a bhréagnú anois th'éis a bhfuil d'fhoghluim ort má's fíor dhuit féin / Bhí dlighteanais air is 'chuile áit agus ní raibh sé ag íoc tada. Tháinig siad fré chéile ins an mullach air ins an deire agus chandáil siad an áit. Ach níor thada ar na fiacha luach na h-áite. Is dona an rud an iomarca a leigean suas an uair nach mbíonn slighe ag duine len a íoc / Ná bac thusa le fear ar bith nach bhféachfaidh len a chuid dlighteanais a íoc. Ní bhíonn a leithide sin ach ag iarraidh a bheith ag fás suas ar

dhuine eicínt eile i leabaidh ghna (: gno) a dhéanamh dhó fhéin. Bhí sé cho maith dhó a dhul amach in a rógaire reatha agus a dhul ag robáil ar bhóithrí leis an "trust" (: "trust") a fhaghas sé a fhágáil gan íoc. / Is cuma ins an diabhal é a bheith dlighmhear nó gan a bheith. Meastú an gcomhaireann Dia seacht mbliana ná deich mbliana. An té nach n-íocfaidh an dlighteanas, beidh sé roimhe annsiúd ar Leabhar an Chunntais. Sin í an Leabhar a bhfuil géilleadh a bheith di agus ní h-iad leaibhríní beaga bhreitheamh na h-éagcóra / Má tá sé de dhlighteanas ort, ní leigfidh siad siúd aon-fhaillighe in a ngna (: ngno). Tiocfaidh leota de pháipéar amach agad, agus leota agus leota eile agus próis faoi dheire — nó go n-íocaidh tú é. B'fhearr do dhuine a bheith creínnte leis an lá cáirde le h-aghaidh rudaí de'n tsórt sin ná a leigint thairis. Is ag tarraingt trioblóide air fhéin a bhíos sé / Íoc do chuid dlighteanais agus ná bí ag tuilleamaidhe le aonduine — le siopa, le póilí, le fear próiseannaí ná eile. Sin é adéarfainn -se. Dheamhan duine a bhfaca mise tóir ar an dlighe ariamh aige, nach bhfuair a dhóthain dhó (: dhe) ins an deire. Tá a dhonacht féin ins an dlighe i gcomhnuí / Ná bac le dlighteanais. Níor íoc an cneamhaire sin aon-cheo i gcaitheamh an tsaoil ariamh. Bheadh sé ag gealladh i gcomhnuí, agus ag iascach leis mar sin, nó go mbeitheá cho meathta ins an deire aige agus go maithfeá dhó é. Chonnaic mé S. Mh. ag dul 'un dlighe leis faoi luach cairr. M'anam-sa ó'n diabhal gur chaith sé S. pér'bí cé'n bealach a rinne dhó é. Chaith mo choinsias. Dheamhan comhaireamh na sop a fuair S. th'éis go dtug sé go seisiún é. An breith-eamh a bhí bríbeáilte aige nó caoi eicínt. Ara bhí an-toidheacht i láthair ann agus níl aonduine beo nach mionnóchadh gurb í an fhírinne a bheadh aige an uair a thosóchadh sé ag ceartú dhuit. /

Dlighmhear — aidiacht

[Fuaim dlifior — glifior].

Dlighmhear = reachtamhail; de réir dlighe; ag luighe le dlighe; dlisteanach, cóir, ceart.

Bhí sé dlighmhear an rí sin a chur isteach = de réir dlighe; reachtamhail / Níl sé dlighmhear aige sin a bheith ins an bposta sin, dhá mbeadh ceart le fáil. Ach níl ceart le fáil. Ní hé is measa dar ndóigh ach an dream atá dhá choinneál ann / An sílfeá-sa anois an bhfuil sé dlighmhear aca sin a bheith ag dul timcheall ar an gceird sin chor ar bith. InDomhnach ní cheapfainnse go bhfuil. Ach diabhal an miste leo sin a bheith dlighmhear dhó nó gan a bheith. Oibreochaidh siad leo / Bhí sé ráidhte ariamh nach raibh sé dlighmhear ag póilíos a dhul ag tógáil fuisce ar shochairdeacha (: sochraideacha) ach an bhfeiceann tú an chaoi atá orra anois. Chuartuigh siad istigh faoi'n gcorp annsin thiar an lá faoi dheireadh. Fhobair gur thóig siad an corp anuas de'n bhord. Diabhal an gceapfainn féin go gcuirfí mórán ar fhear póitín nuair is cúrsaí sochraide é / Níl sé dlighmhear ag fear ar bith a charr ná a chapall a bheith ar an taobh ó thuaidh de bhóthar agus é ag teacht anoir. Má mharbhuigheann mótar do chapall ort nó thú féin ins an gcás sin, dheamhan comhaireamh na sop le fáil agad … Féach leo é go bhfeicidh tú / Má tá sé dlighmhear ag fear a cholceathar a phósadh shílfeá go mbeadh sé dlighmhear aige a dheirbhshiúr a phósadh. Ach níl … Ara ná bac leis an ngrifisc sin i gC. Phósfaidís sin a máthair. Ní sompla ar bith do chríostuidhthe iad sin / Cé'n sórt leibideacht sin ort? Má bhí sé dlighmhear aige féin a dhul ins an gcasán nach bhfuil a fhios agad go raibh sé dlighmhear aige a rogha duine a thabhairt ann. Dlighe dhuit féin atá agadsa … Cuirfidh mise mo rogha geall leatsa anois má thugann sé 'un dlighe iad faoi'n a bhacadh go gcaithfidh sé iad. Caithfidh agus caoch a dhuine sin / Ná bac thusa lena buic mhóra sin. Níl rud ar bith nach bhfuil dlighmhear aca sin. Ní comórtas ar bith do dhaoine dona iad. Buailfidh piar aca sin isteach 'un dinnéir leis an mbreitheamh. Ólfaidh siad dalladh fuisce. Meann tusa (: measann tusa — meadhann?) an dtiocfaidh an breitheamh in a aghuidh sin ins an gcúirt lá'r na bháireach. 'Sé nach dtiocfaidh, agus ná creid thusa ó aonduine go dtiocfaidh. Aithnigheann siad sin a nduine féin a mhic ó mo chroidhe thú. Is orra nach bhfuil an mhoill. /

Domhnuidheacht — ainm-fhocal; boineann; uathaidh amháin

Domhnuidheacht = go leor; a lán; iomadamhlacht; an domhan agus a mháthair; an t-uathbhás; tír agus talamh (má's daoine atá igceist); an-lear go deo; dalladh; neart; foracún mór.

Bhí an domhnuidheacht daoine ann = go leor, leor / Tá an domhnuidheacht airgid aige = an-lear / Bhí an domhnuidheacht bheithidheach aige cho uain agus bhí sé ar an gC. G. Bhí sruth agus gaoth leis an uair sin, ach ní go maith a chuaidh an imirce dhó, ní dhá roint leis é. Le neart sainte agus grádh do'n airgead a d'imigh sé as — ag tnuthán le tuilleadh a dhéanamh — ach sin é an chaoi a mbíonn sé. Ní bheadh a fhios agad ar nós mar deir an fear fadó cé's shonaidhe taobh de'n chlaidhe ná an taobh eile / Tá an domhnuidheacht leabhar aige sin. Má tá a bhfuil ionnta in a chloigeann níl righeachan go deo leis le foghluim, ach sílim gur mó atá ins na leabhra dhi ná in a chloigeann (D)ar ndóigh arsa tusa ní thillfeadh tada in a mhullach scine siúd — tá sé cho caol sin / Beidh an domhnuidheacht sagairt agus daoine móra ar a shochraide sin. Airigheann siad rud aige. Is beag an baoghal go dtaobhóchadh siad C. Ph. Mh. (: fear bocht) dhá mbeadh sé as cionn cláir, ní ag tabhairt gutha ar a bhás é an fear croidhe. Ach cá bhfios do'n té sin. B'fhéidir do Ch. Ph. Mh. a bheith ag imeacht in a chóiste cinn cho maith leis an duine is fhearr aca shul má gheobhas sé féin bás. Agus go dtugaidh Dia dhó! / Bhí-an domhnuidheacht. An domhnuidheacht tincéaraí atá mé a rádh: Ní hé a maltraid (: malrait) a bhí ann. Bhí snaidhm de mhaide buailte ort ag 'chuile coirnéal. Is maith a chuaidh mé as nar marbhuigheadh mé. Deirimse cruinneál (: cruinniú) leat: cruinneál tinncéaraí! / Deir siad go bhfuil an domhnuidheacht bheatha ag toidheacht go Sasana anois — go bhfuil sé ag cínnt ar an "German" soitheach ar bith a chur síos. Is furasta a aithinte scáth a bhfuil d'imeacht ar na beithidhigh / Leagadh an domhnuidheacht mhór de tighthe i mBelfast an t-am údaidh ar chaith na Gearmánaigh anuas air. Bhí sé ins an bpáipéar an lá cheana, ach inDomhnach anois, ní chuimhnighimse cé mhéad. Ba seó (: show?) shaoghalta é ar chaoi ar bith / Tá an domhnuidheacht

le déanamh agam agus gan agam ach mé féin. Meastú an bhfuil fear aonraic indon freastal do phortach, do chladach agus do gharrdha. Mo choinsias níl! / Bhí an domhnuidheacht annseo ins an "Local" (L.S.F.) an uair a thosuigh siad idtosach. Cuid aca splanctha go dteighidís ann faitíos a gcaillfidís an "dole". Ach shílfeá nach mó ná sin a thaithnigh leo th'éis tamaill. D'fhuaruigh siad as aríst. Bhí sé ann ariamh ins an saoghal — fear an dá chroidhe / Tháinig an domhnuidheacht raic (: wrack) annseo ar thús an chogaidh, ach 'sé cuid an bheagáin atá ag teacht anois. Ara cé'n mhaith a bheadh do dhuine a dhul dhá tóruigheacht dhá mbeadh sé taobh len a dtugann na póilíos de cheathramha shábhála uirre. Ceo ar bith ach dhá bhféadainn a coinneál dom fhéin fhéin go mb'fhiú dhom a dhul ag cur aistear an chladaigh orm féin deireadh oíche. Ach inDomhnach chreidim gur fíor dhuit é: ní fhaghann duine ar bith breith a bhéil féin / Tá an domhnuidheacht de na Curraoinigh ar an mbaile sin. Fir bheaga staiceáilte agus "musteaisín" ruadh ar 'chuile dhuine aca agus meanaí as a súile (: coinneal le olc ins na súile aca) / Tá an domhnuidheacht saighdiúir siar faoi Chonamara ag baint mhóna, adeir fear aniar liom, a casadh liom i nGaillimh indiu. Thar tír isteach uileag iad. Deir sé freisin nach bhfuil an chuid is mó aca ag tabhairt cuma bainte ar bith uirre, ach 'ar ndú (: dar ndóigh) déanfaidh sí má shásuigheann sí a gcuid comhairleachaí fhéin, agus sásóchaidh, mar sé cuid an bheagáin atá a fhios aca sin faoi mhóin ach an oiread. /

Dilleoireacht (duilleoireacht?) — ainm-bhriathar. Ní baintear aon-leas as ach in a ainm-bhriathar nó in a ainm.
Dilleoireacht — tuineamh; athchuinge; impí; a dhul go bog agus go cruadh ag iarratas; iarratas cráidhte; a dhul go bun an amhgair le duine eile ag iarraidh ar rud a dhéanamh.

Chaith sé an lá ag dilleoireacht liom ag iarraidh mé a thabhairt ann. / Imeochaidh sí mara mbeidh an ceann eile ag dilleoireacht len a coinneál. Ach mar sin fhéin is droch-sheans atá aice fanacht. Tá an iomarca grádha do'n eirghe-in-áirde aice anois, agus ní shásóchaidh áit ar bith í ach Sasana / Deir tú leis a chaith ag duilleoireacht liom ag ceapadh go bhfanfainn le h-aghaidh tae, ach diabhal baoghal in mo chraiceann a bhí orm. B'annamh leis mórán de'n chórtas a bheith ag síneadh leis, ach an oiread le scéal. Dheamhan a fhios agam beo céard a bhain dó aréir go raibh sé ag iarraidh cumaoin a chaitheamh liom. Mara bhfuair sé tae as Ameriocá! / Ag dilleoireacht agus ag dilleoireacht a chaitheas sí a saoghal: ag dilleoireacht ag iarraidh a dhul ag damhsaí agus ag cuartaidheacht. Mo léan géar, fuair sí amach an té a leigfeadh ag damhsaí í! Dhá gcasad sí stuaic na binne bheadh an t-athair siúd aice scanruighthe gur árduighthe leis ag saighdiúr a bheadh sí. Bhí an scanradh sin ag rith leis an dream sin ariamh / Tiubharfaidh mise luach do chuid dilleoireacht' duit: thú a chaitheamh siar a chodladh agus cead agad fanacht annsin aríst go maidin. Ag ceapadh go leigfí ag bóithreoir-eacht thú an tráth seo d'oíche! Ní h-iad do chuid "lessons" a bheadh ag déanamh imní dhuit leath cho maith. Na daoine thar bharr a gcéille agad ar an gceird sin ó tháinig oíche! / Thug sé guth orm nach ndeachaidh mé a chongnamh dhó ab eadh! Nach raibh sé ag dilleoireacht liom ar feadh na h-oíche aréir Pádraic a leigean leis, ach m'anamsa nach (: nachar) leigeas, ná dheamhan leigean. Is dona na gnaithí a bheadh orm, agus an slaimín féir atá agam féin caithte annsin thoir fós faoi fhliuchán agus faoi amluadha. Níor mhór le cuid de na daoine dá bhfágthá do chuid oibre fhéin annsin agus a dhul in éindigh leo-san go mbeadh a gcuid oibre féin réidh / Leig de do chuid dilleoireacht anois liomsa nó beidh rud ar a shon agad. Diabhal bréag nach mbeidh /

Ní mise an ribín réidh agad má bhaineann tú asam é. / Dheamhan gráinne tobac a thug mé dhó ná cuid de ghráinne. Ní cheal muise nach raibh dilleoireacht aige liom dhá iarraidh. Dhá mbeitheá in do ridire, ní sheasfá leo ag iarraidh tobac / Sin í ceird na sagairt igcomhnuí: ag dilleoireacht ag iarraidh airgid. Tá an póca oscluighthe igcomhnuí: póca na h-uireasbhaidh. / Chaith muid an oíche ag dilleoireacht leis le amhrán a rádh, ach dheamhan rádh. Ní abróchad sé tada ach ag nathuidheacht leis ins an gcúinne. Ní leis ab fhaillighe é muise an ghloinín fuisce a leigean siar. Níor chall aon-dilleoireacht a dhéanamh leis fúithe sin / Ní theagann iabh orra ach ag dilleoireacht liom ó mhaidin go faoithin — ag iarratas, ag iarratas — ag iarraidh airgead a bhaint as na scairteachaí agam. Ach cidh Dia muise gur deacair dhomsa airgead a bheith agam le síneadh aca (: chuca) agus gan slí ó neamh agam ach ag faire ar an scillingín ghágach "dole" sin / Má bhíonn sí ag dilleoireacht le thú a thabhairt in éindigh léithe abair amach gan frapa gan taca léi gur chumaoin duit a dhul in éindigh léithe go deimhin! :an uair a d'iarr tusa ar son Dé uirre-se a dhul in éindigh leat go B. na mB., ba deas an sásamh a thug sí duit. "Nach beag a bheadh le déanamh agam" adeir sí "a dhul siar go dtí na h-amhuis bhradacha sin, agus gan a fhios agam nach mé a speireadh le cloich a dhéanfadh duine aca shul má bheinn aniar abhaile aríst." An scaoinn bhradach! / Má fheicimse ar an dilleoireacht sin aríst sib agus aon-duine istigh beidh mé ag gabhail oraibh cho uain agus a gheobhfas mé teas in 'u' (: bhur) gcraiceann. Bheadh ciall dilleoireacht, ach níl uair ar bith is mó a dteagann táirm oraibh ná an uair a gcasfar duine eicínt isteach. Dhá mbadh é an té is measa le duine beo a bheadh ann, náireochadh sib é len 'u' (: bhur) gcuid dhilleoireacht'. / Tá mé sáruighthe agaibh le bliain ag dilleoireacht liom go bhfaghainn madadh dhaoibh. Tá sé agaibh anois agus is beag an mheas atá agaibh air. Ag imeacht dhá chiceáil agus ag sáthadh bior dearg ann. Diabhal bréag nach uaibh a theastóchadh an tslat. Tá sibh dhá tuaradh dhaoib féin, tá sin. /

Dilleoir, Dilleoirín: ainm-fhocal, fireann. Iolraidh — dilleoirí.
Dilleoir, Dilleoirín — duine (go h-áithrid páiste) a bheadh ag
dilleoireacht nó claonta chun dilleoireachta (fc. dilleoireacht)
[Ní baintear mórán leas as dilleoir. Dilleoirín is coitchiannta go
fada]

Tá tú in do dhilleoir — tá tú sin. Is diabhaltaí nach dtiocfadh
iabh eicínt ar do bhéal uair eicínt. Ach dheamhan iabh. Beidh tú
ar do chuid dilleoireacht muis nó go dtugaidh duine eicínt
isteach ar an dranndal duit é, ach dheamhan a mbeinnse in a
dhiaidh ort — ní ag amhdú an uilc é chor ar bith! / Caith rud eicínt
ag an dilleoirín sin nó déanfaidh sé siún (seon?) sinncín dínn /
Nach tú an dilleoirín i gcomhnuí. Ceadh nach mbeitheá mar a bhíos
'chuile ghasúr go lághach múinte agus gan a bheith ag tógáil
an chloiginn orm mar sin. Nach bhfuil a fhios agad go maith go
bhfuightheá é, dá mbeadh sé ann, agus ó thárla nach bhfuil go gcaithfidh
tú déanamh dhá fhuireasbaidh a bheith agad. Nó an bhfuil maith
ar bith a bheith leat. Má fheiceann t'athair in do dhilleoirín mar
sin thú leagfaidh sé ort, creid mé dhuit ann. Agus ní choisneochaidh
mise aríst choidhchin thú mar (a) rinne mé an oíche cheana / Tá tú in
t'amhlóirín de dhilleoirín. Sin é an chaoi a bhfuil tú. Cuirfidh mise
riocht [r. análach go minic i riocht] ort feicfidh tú féin air! =
cuirfidh mé droch-bhail ort; tiubharfaidh mé griosáil duit / Ní fhaca
mé aon-dilleoirín go h-iomdha (fuaim iom-aoí) ach an grabairín
beag sin ag M. Ph. Sh. Sháruigh sé a mháthair an oíche faoi dheire.
Dheamhan maith a bheadh aige ann go dtugadh sí cead dó a raibh de
shoithigh ar an drisiúr a thógáil anuas, agus a gcur síos ins an gciseán,
mar dhóigh dhe go mbadh ceannuidhe gréithí é. Tháinig M. isteach
agus nuair a chonnaic sé an drisiúr feidheartha, agus na soithigh ins an
gciseán, rug sé in a ghabhail air agus bhí sé ag leigean an
treabhsairín síos leis nuair a d'iarr sé cara agus coimirce orm féin.
Shábháil mé é, ach deirimse leat gur fada aríst go dtosuighidh
sé ar an gceird siúd — in a cheannuidhe gréithí. /

Dúthruach (dubhruadhach?) — ainm-fhocal, fireann (fuaim dú-rúch); ainm-bhriathar.
Dúthruach: súnás fiadhántais; leath-shaobhchan; luainnighil éigcéilleach;
a bheith ag imeacht go h-an-luainneach; daolanna, treallanna nó teas
an aithinne a bheith i nduine nó imbeithidheach ar an gcaoi a mbeadh sé
ag imeacht; fleasc a bheith ar rud de réir a imeachta; seachmall.

Tá dúthruach ar an mbó sin ag imeacht. Chaith sí an claidhe
amach as an ngarrdha indiu. As go bráth léithe síos an bóthar
agus fhobair gur mharbhuigh mótar í ag ceann an bhóithrín. Leag sí
an bhearna isteach i gclaidhe T. Sh. agus chuir sí na beithidhigh
thrín a chéile. Dheamhan comhnú a rinne sí annsin go ndeachaidh
sí ins na cosa in áirde bóithrín an chladaigh agus chloisfeá thiar
adtuaidh í ag géimneach. Chas D. Sh. Mh. aníos aríst í agus bhí sí
ag ionntú soir an bóthar marach go ndeachaidh mé roimpe agus a
cur aníos go teach. Shíl mé idtosach gur dúthrúach dárach
a bhí uirre ach dheamhan glaedh ná a dhath a bhí léithe. Thug mé
chuig an tarbh í, ach ní dáir ar bith a bhí uirre. Fuighleach a thug
sé le déanamh dhom coinneál léithe ar an mbealach anuas, agus
marach scuraichín le S. Mh. A., bheadh sí bailighthe soir an bóthar
aríst orm thar éis mo dhichill. Sin í an diabhlánach agad. Bhí
an dúthruach céadna anoir aríst uirre — ag rith, ag géimneach
agus ag gabhail dhá tóin in áirde. Ach dar brigh an leabhair ach
a bhfuair mise istigh ar an tsráid í, thug mé cró dhi, agus
fanóchaidh si annsin go n-athruighidh sí béasa. Ná
greim le n-ithe a thug mé di ó shoin, ná cuid de ghreim.
B'fhéidir go mbainfeadh an t-ocras an dúthruach di. Mara
mbainidh, bainfidh neart maide di é. Tá an clampar ar bhó
ar bith aniar as Conamara céadna / Tá duthruach eicínt ar
an mbó seo amuigh maran dáir atá uirre. Is gearr ó cheana
ó bhí sí uirre agus níorbh fhearrde sin í. Ach tá sé cho maith a scaoileadh
suas ag an tarbh chreidim, mar sin féin / Diabhal a leithide de dhuthruach
agus atá uirre sin. Ní dhearna sí aon-chomhnuí ó mhaidin ach
ar an dúthruach sin síos agus suas an pháirc, go sílfeá gur
greidill dearga a bhí len a cosa. Sin í an cailín agad! Séard

atá uirre anois an uair nar fágadh i ngarranta an chladaigh í. Tá sí an-cheanamhail ar gharrantaí an chladaigh. Má mhaireann di ar an duthruach údan dheamhan a cos a chomhnóchas go n-imthighidh sí as an bpáirc. Ach tá sí réidh le garrantaí an chladaigh go Samhain seo chugainn aríst / Tá dúthruach an diabhail ar na h-asail sin agad ag imeacht. Meastú nar leag siad an bhearna orm aréir agus dheamhan turnapa de bhláth bliana agam nach bhfuil talltuighthe millte aca. Caithfidh tú a gcuibhriú, nó má bheirim aríst orra tiubharfaidh mé an chuingir aca (: péire) soir ingreim tónach go bearraic / Hébrí (pé'r bith) cé'n dúthruach a bhuail í ba gheall le bó í a bheadh ingeallta, an chaoi a raibh sí ag rith ar fud a bhaile / D'imthigh sí as dúthruach eicínt a bhuail í, agus dheamhan comhnuighe a rinne sí nó gur sheas sí thiar ar shráid Sh. Mhac C. i mB. — an fear ar cheannuigh sé uaidh í. Ní hé Fáilte na Gé "ó'n bhfear go dtí an t-uisce" a bhí aige sin roimpe. B'fhearr leis ball ar bith in a shráid ar maidin ná í de bharr an chaoi a raibh sí ag dul ó laogh air féin roimhe sin. Dheamhan filleadh ná feacadh a rinne sé ach a tiomáilt (: tiomáint) aniar ar ais aríst gur fhága sé istigh ins an tsráid ag M. B. í timpeall agus an ceathair a chlog an lá sin. Hébrí (: pé'r bith) cé'n dúthruach a bhí uirre ag dul siar chuir sé siúd a dhá oiread dúthruach uirre aniar / Cheannuigh mé bó uair i nD. an Fh. Chuaidh mé amach ag breathnú uirre annsin amuigh inGarruidhe na h-Iothlann shul ó chuaidh (: sul a ndeachaidh) mé a chodladh taca an h-aon-déag. Nach diabhaltaidhe an dúthruach a bhuail í agus go raibh sí thiar ar an tsráid ag an bhfear ar cheannuigh mé uaidh í — Mainníneach as C. — ag an ceathair a chlog an mhaidin sin. An gcreidfeá-sa go bhféadfadh bó ar bith an oiread sin siubhail a dhéanamh. Sin í clár na fírinne aghad muis / Diabhal dúthruach go h-éag mar tá air! Dúthruach óil! Dhá gcloiseadh sé go mbeadh iarraidh fuisce déanta i mB. na gC. dheamhan méir a bhainfeadh sé dhá shrón go seasfadh sé thuas ann. Nach bhfeiceann tú an chaoi a bhfuil sé má chloiseann sé go mbíonn aon-deoir phoitín i dteach ar bith, go mbíonn sé ar siubhal go bhfaghaidh sé leithscéal eicínt a dhul isteach ann.

Nach shin é do dhóthain. / Chuala mé go raibh C. ag imeacht thoir annseo Dia Domhnaigh agus an-dúthruach achrainn air. D'iarr sé mac J. Sh. amach ar "fair-play" agus bhí sé ag gabhailt de chiceannaí ar dhorus tighe Ph. i gcaitheamh uair an chluig. Thug sé leath-bhord leis annsin anoir le claidhe ach bhuail an óinseamhlacht aríst ag geata tighe D. agus chaith sé dhó (: dhe) in a chraiceann aríst ag cur achrainn ar na scurachaí. Nach beag an spioraid iad nach sínfeadh duine eicínt aca é le iarraidh! / Dúthruach phósta atá air ag imeacht ar an gcaoi sin. Gheobhaidh sibh sciorrachán bainse uaidh an Inid seo go siúráilte / Nach diabhaltaidhe fada a leig sé é gur bhuail dúthruach mná é. Cé'n aois é siúd? Bail ó Dia ort féin agus ar do leath-chéad bliain. Ní fheicfidh sé na trí scóir féin aríst go deo. Dar mo choinsias 'sé an sean-dúthruach aige anois é. Ach ní bhíonn righeachan ar bith leis an sean-amadán an uair a theagas an óinseamhlacht air. Diabhal righeachan! / Tá sé ag imeacht agus dúthruach air mar bheadh tarbh ann. Braoinín atá ar bord aige is cosamhail. Bhí lá de'n tsaoghal muis agus is beag an ghlaodhmaireacht a dhéanfadh sé ar an mbaile seo. Deirimse leatsa gur maith gasta a cheannsóchthaidhe a chuid duthruach. Ach tá 'chuile chimleachán indon cis ar easair a dhéanamh dhínn anois faraor. Nach hé an saoghal a d'imigh! / Sin í an cheird a bhíos air sin 'chuile oíche: ag imeacht ag dúthruach ar fud na mbóithrí mar a bheadh beithidheach éigcéill ann. Nach cóir adubhairt mé leat gurb é a bhí ag uallfairt siar annseo an oíche údan. / Ag dúthruach leo mar sin a bhíos an dream sin ar fad anois. Airigheann siad go bhfuil M. i Sasana. Dá mbeadh sé sin ins na bólaí seo is beag an dúthruach a bheadh ar chlann J. Chuirfeadh sé siúd dúthruach ar an ngoile aca, agus cuirfidh fós, má sheolann Dia ar ais slán é. 'Sé atá siad a thuaradh dóibh féin. / Mhaithfeá do Dhia nach (: ach) gan é a fheiceál ag dúthrúach thart ar fud an tighe, agus é ag búirtheadhach mar bheadh bulán ann. Shíl mé go gcuirfeadh sé an teach dhá lúdrachaí. Ní raibh sé buailteach chor ar bith ach bhí sé sáthach bagarthach deirimse leat. D'árduigh duine eicínt amach ar an tsráid é faoi dheire agus bhí teach na bainse suaimhneach uaidh sin amach /

Daol — ainm-fhocal. Fireann iolraidh — daola, daolannaí.

Daol — treall; taom; iarraidh; saighead; driog; drithlín; racht.

Teagann daol pian (: ní ghabhann pian le claochlódh tuisil anois ach go rí-annam) corr-uair air = teigheann drioganna pian thríd corr-uair (taom thobann) / Is annamh a bhuaileas an phian é. In a daolannaí (daola freisin) a thagas sí, ach is olc an ailím í an fhad agus a mhaireas sí / In a daolannaí a bhíos pian an chancair sin ar dhuine. Tagann sí de phlimp agus faghann duine fuarú uaithe ar an gcóir chéadna. Bíonn sí an-ghártha de'n tsaoghal. Chonnaic mé B. Ph. léithe — go ndéanaidh Dia grásta air. Bhí mé féin agus é féin i gciúin-chomhrádh thiar ar an teallach mar tá mise agus thusa anois bail ó Dhia ort. Dheamhan aithne ceo a bhí air. De ghorta an gharta tháinic an daol air. Mhaithfeá do Dhia gan a bheith ag éisteacht leis an screadach léithe. Bhain sí tuairim agus dhá uair an chluig as, agus chlaochmuigh sí annsin aríst. Ach ó theigheas an rud sin (: cancar) in ainsil ar dhuine is gearr an mhoill a fhaghas sé ó'n bpian. Tagann na daolanna air 'chuile phuinte / 'Sí an phian a thagas in a daolanna mar sin is measa. Bíonn sí an-ghártha go h-éag. Dá seaduigheadh sí duine i gcomhnuí chítear dom féin nach mbeadh sí baoghal air cho dona. Ach chreidim gur cuma cé'n chaoi a mbíonn an phian ag dul do dhuine má bhíonn sí air / Bhí an bheirt againn ag teacht as Gaillimh oíche agus sé an áit ar bhuail an donacht é ag Áirdín an D. Badh é an rud ba tobainne é a chonnaic mé ariamh: daol ceart. Bhí sé domhain go maith ins an oíche agus an áit sin sáthach uaigneach freisin. Ní raibh mé in mo bhambairne ariamh go dtí an oíche sin: gan fios agam a dtiocfainn ag iarraidh an tsagairt dó nó an bhfanf -ainn in a chionn. Ach d'imigh sí aríst cho tobann agus a tháinig sí, cho luath agus a bhí an daol sin dó (: dhe) aige / Má airigheann tú an daol — an t-árdú — do do bhualadh, níl agad a dhéanamh ach bualadh fút ar bhall na h-áite go gcuiridh tú díot é. / Tá sé indon crochadóireacht leis ach an uair a bhuaileas daol de'n phian sin é nach flearr (: fuláir) dó síneadh go n-imighidh sí aríst. InDomhnach

tá sé indon creachlaoiseacha móra a dhéanamh tharéis a mbíonn d'éagnach aige. Bhuail sí an tseachtain seo caithte amuigh ins an ngarrdha é agus bhí sé ag dilleoireacht leo ag iarraidh orra a dhul i gcoinne an dochtúra, ach bhí sé ar a shean-léim aríst faoi cheann uair an chluig. An uair a thugas an reacht sin a sheal bíonn sé an-spleodrach aríst ar an toirt. / Ní bhíonn air ach an daol sin ach ní beag dhó a dhonacht. Ní fhágann sí láthar ar bith ann go ceann seachtaine aríst. Is deacair leis a theacht ar a chóir féin uaithe chor ar bith / Bhuel teagann daol uilc air scaithtí agus bíonn sé cho corruighthe sin agus go (: gur) beag nach mbaineann sé laogh as 'chuile bhó ar an mbaile. Sin é a bhealach. Ar an dá luath agus a dteigheann sé 'un míneadais aríst dheamhan duine go h-iomaoi is fheilmheanaighe ná é. Bainfeadh naoidh-neán ceart dó. Dheamhan neart aige air. Sin é an chaoi a bhfuil sé. An té atá saor arsa tusa caithead sé cloch / Chomh uain agus a bhaineas an daol sin as — daol uilc — dheamhan goir ag aon-duine a thaobhachtáil. Má thaobhuigheann, tá sé sáithte, nó caithte, nó arm ar bith is túisce aige. Dar fiadh tá! Mharbhóchadh sé é féin an nóiméad in a dhiaidh le náire, ach cé'n mhaith sin, ó's é a bhealach é. / Sháith sé sin fear cheana agus dheamhan ceo a chuaidh air ach bliain. Rinne siad amach gurb as daol a d'eirigh sé dhó. Tá sin breagh go leor ach ba suarach an sásamh é do'n té a raibh a phutógaí ag imeacht in a ghlaic aige. Ní raibh sé indon a gcur ar ais aríst as daol / Daol droch-mhúineadha agus neart maistínteacht' atá anois uirre. Déarfá nach mbeadh sé éascaidh í sin a bhearradh ar ala na h-uaire! Ach míneochaidh sí síos ar ball agus féadfaidh tú caint a chur uirre má tá aon-spéis agad innte / Bhí sé ag cur a chraicinn dó (: de) ag damhsa i lár an tighe. Agus céard a dhéanfadh sé — mar bhuailfeadh daol é — ach a theacht anuas agus é fhéin a ghróigeadh istigh ins an gclúid agus tosuighe ag fuar(: for)-chaoineachán. Thosuigh mo choinsias! Daol brúin (: bróin) a tháinig air is cosamhail. Ag caoineadh sean-J. a bhí sé. / Deir na scurachaí sin

a bhí thall in aoineacht leis go mbíodh sé ar an gceird chéadna
i Sasana. Bhuaileadh daolanna cumha é scaithtí, agus bhíodh sé
bog te ag dul abhaile maidin lá'r na bháireach. Ach maidin lá'r
na bháireach ní bhíodh aon-chuimhne aige go raibh aon-bhaile
ariamh ann. A raibh de bháid aeir ag an "German" ní bhainf
-eadh feanc as aríst go saothruigheadh sé páighe na seacht-
aine / Theangmhuigh daol eicínt le M. anocht agus cho pusach
agus atá sí. Níl ann ach gur bheannuigh sí dhom ins an mbóthar.
Ach oibrigheadh sí léithe agus fuaruigheadh sí ins an gcraiceann
céadna ar théith sí cheana ann / Theangmhuigh daol eicínt leis
indiu muis agus cho luainneach agus atá sé ag imeacht. Níl a fhios agam
nach ag smúracht indiaidh gearrchaileadha atá sé. Is maith an scathamh
cheana nar facthas ar an mbóthar é — ná amach chor ar bith.
Agus dheamhan é aríst go ceann fada / Theangmhuigh daol eicínt leis agus é
a chastáil in éindigh le mo dhuine. Sin é an chéad uair le bliain a bhfaca mé abuil a
chéile iad. Marach (: muna mbeadh) go n-airigheann sé brabac eicínt air muis, a
Thighearna Dé is fada amach uaidh a d'fhanfadh sé. / Chaithfeadh sé gur theangmuigh
daol eicínt leis ar maidin agus é a bheith ag imeacht ag bruimseálacht mar sin. Ní
réidhteach do'n teach muis má tá dhá cheann an tighe thrídh lasadh mar sin (: an fear
agus an bhean ag troid). Ach b'fhurasta aithinte nach i bhfad a bhainfidís amach
suaimhneach agus an deis a bhí uirre féin oíche na bainse / Cé'n sórt daol a theangmuigh
léi agus a theacht ar cuairt annseo thuas indiu. Níor facthas cheana
ann í le saoghal agus aimsir. Dubhairt sí liom féin dá bhliain go h-am seo
— lá a raibh mé ag caint léi i dteach an phosta — dheamhan a cois ná a cnáimh
a thaobhóchadh iad an dá lá agus a bheadh sí beo aríst. / Má theangmhuigheann daol
leis siúd is maith gasta a bheidheas sé ag tabhairt an tsráid amach do Mh. Ní
rachainn faoi dhuit go gcaithfidh sé oíche Nodlag seo chugainn faoi shógh ann choidhchin.
Má chaitheann, 'sé a cloch-neart é / Fuair sí daol ó rud eicínt agus an súnás atá
uirre indiu = mar dhóigh dhe go bhfuair sí droch-iarraidh (droch-scéala, scéala nar
thaithnig léi, gur cuireadh múisiam mór uirre, gur chuir rud eicínt callóid intinne
uirre agus rl.). / Marach go bhfuair sé daol ó rud eicínt ní bheadh sé ag imeacht ar an
gcóir sin le seachtain: gan buille maitheasa a dhéanamh, ach soir agus anoir an
bóthar agus síos go cladach. B'fhéidir gurb í an cailín atá aige i M. atá
ag dul ag pósadh nó ag déanamh roghain ar fhear eicínt eile. Níl aon-duine

in Éirinn is fusa a shagdadh ná é 'ar nú (ar ndóigh). / Ó rud eicínt nar thaithnigh leis anois a fuair sé an daol sin muis. An inghean atá ag cur a cosa uaithe aríst ag iarraidh a dhul go Sasana. An t-am deire a ndearna sí Sasana a shamhailt leis, bhí sé ag dul ins na fraghthachaí go ceann míosa, agus thagadh daolanna an diabhail ann dhá gcainteá (: gcaintightheá) ar aonduine a bhí i Sasana leis. Tá sé caithte in a cheann críochnuighthe aige gur indiaidh Ph. Mh. atá sí ag dul ann; agus 'chuile eallach aige ach é sin / Cé'n chaoi a bhfuair sé an daol sin? Bualadh soir maolfhabharthach go dtí tigh Th. agus fanacht ann ó bhí sé an dó a chlog go dtí an trí ar maidin. A Dhia dhá thárrtháil muis! Tá mé ag ceapadh go raibh núta (: nóta puint) sáthach spartha aige shul 'á tháinig sé abhaile. Rath a cheirde air muis! Múisiam mór eicínt a cuireadh air ins an mbaile le go dtug sé an tuairt sin air féin. / Tá daolanna ag teacht ann len a dhul ag déanamh an rud = cuireann sé goithtí air fhéin go dtiocfaidh sé dhá dhéanamh bog te ar an toirt = tugann sé obainneacha a dhul dhá dhéanamh / Bhí daolanna cladaigh ag teacht ann le seachtain ach dheamhan an cladach a thaobhuigh sé in a dheidh sin (: dhiaidh) / Bhí daolanna ag teacht ann a dhul agus D. a bhualadh, ach chuir sé stuaim ar an bhfoighid in a dheidh sin / Ná bac le fear ar bith a bhfeicfidh tú daolanna ag teacht ann a dhul ag pósadh. Ní phósfaidh an té sin go bráth. Nó má phósann sé an droch-phósadh é, arae pósfaidh sé bean ar bith is túisce aige as ceann dá chuid daolannaí / Tá daol ins an gcapall sin = meargántacht, stuaic, taghd. Níl sí gabhthach le smacht amach agus amach. B'fhéidir gurb i lár do chruadhóige a thosóchadh sí ag cúlú, nó gurb é an uair a mbeitheá ag iarraidh a coinneál in a seasamh a mbeadh díocas imeachta uirre, nó a gcuirfeadh sí cor eicínt di nach mbeadh aon-tsúil agad leis. / An-chapall í marach an daol atá innte. Ní bheadh a fhios agad cé'n noiméad ar mian léithe rith / Fhobair gur mharbhuigh an capall S. Mh. Mh. Tá an-daol go deo innte / An gcuimhnigheann tú ar an gcapall mór dubh a bhí ag J. Ch. A leath-cheann sin í. Teagann daolanna innte ar an gcaoi chéadna / Bhainfeadh duine féin ceart go deo dhi, ach ná bac le aineoluidhe a dhul in a h-éadan ag an daol a theagas innte. / Ní giogach (: giongach) féin atá sí ach daol eicínt a bhuaileas í agus cho uain agus a sheasas an daol sin, ní bhainfeadh Goll Mac Móirne ceart di. Caithfidh sí a comhairle féin a fháil.

Diúgaireacht — ainm bhriathar agus ainm-fhocal. Ní baintear leas as mar bhriathar coimsidhe.
Diúgaireacht: an gol neamhaidhe síorruidhe a bhíos ag páistí; banrán síorruidhe; síor-chaoineadh íseal.

"Dá bhfaghainn an saoghal ó fheirc go grian
Sealbháin maoin a's dúithcheannaí
Diúgaireacht naoidhin ní chloisfeá choidhchin
Le m'ais 'san oíche faoi shúsaí" [As amhrán].
Chaith an páiste an oíche ag diúgaireacht / Cé'n sórt diúgaireacht sin ort anois. Ní féidir gur ag iarraidh bainne a bheitheá aríst agus nach bhfuil mé ach th'éis an buidéal a bhaint de do bhéal. 'Sé an cás céadna é. Dá bhfuightheá an saoghal mór, bheitheá ag diúgaireacht ina dhiaidh sin / A Mh. breathnuigh an bhfeicfeá an bhféadfá an páiste sin a bhréagadh. Tá sé in a ainnle bhradach ag diúgaireacht ó mhaidin / Ag diúgaireacht chaoin-eacháin atá tú aríst. Is diachta duit sin. Dar ndóigh ní rud le n-ithe atá uait aríst agus a ghoirdeacht agus ó fuair tú "bruth-bruth". / Tá sé ar an diúgaireacht chéadna sin anois le dhá lá agus dhá oíche. Níor thuit néal ar mo shúil aréir ná arbhú aréir aige, ach ar an gceird sin. Ní bhíonn sé gártha chor ar bith ach ar an diúgaireacht sin i gcomhnuí. Ag diúgaireacht leis i gcomhnuí i gcomhnuí. Shíl mé gur fiacla a bhí ag gabhail dó i dtosach ach ní cheapaim go (: gur) b'eadh anois. Tá a fhios ag mo chroidhe gur deacair a n-oileamhaint — na páistí céadna, bail ó Dhia orra. Ní túisce galra dhíob aca ná ceann eile orra. Mo dhóthain mhór a fuair mise le déanamh ó'n mbeirt is sine anuiridh. Chaith mé seachtainí imbéal a chéile ar neamh-chodladh an t-am ar bhuail an treoch iad … Sin í an fhírinne dhuit muis. Ach dheamhan mórán anró a fuair mé uaidh seo fós gur bhuail an méid seo é. Ní beag do dhuine a thúisce arsa tusa / Tá ceann beag ag N. agus ní dhéanann sé suaimneas ar bith ach ag diúgaireacht leis igcomhnuí. Dar brigh an leabhair chuirfeadh sé carghaos ort ag breathnú air. Dheamhan suim ar bith aice féin ann. Dubhairt mise léithe é a thabhairt siar go bhfeicfeadh an dochtúr é. "Dheamhan dochtúr muis" adeir sí "ná cuid de dhochtúir. Bíodh sé ag diúgaireacht leis annsin agus a chead sin aige. An uair a thogróchas sé stopadh

stopfaidh sé. Níl cheal ar bith air. Daighean páiste ins an tír a fuair a aire sin; ach aon-mhaith amháin dom é." Dheamhan cás ar bith aice ann. 'Sí nach bhfuil an scruball innte. Shílfeá gurb é an chaoi a mbeadh sí guthamhail go bhfuigheadh aon-duine caidéis do'n pháiste, agus níl aon-duine dhá bhfeicfeadh é nach gcaithfeadh caidéis eicínt a fháil dó. Scrúdfadh a chuid diúgaireacht' na clocha glasa — scrúdfadh sin / Leig de do chuid diúgaireacht anois, nó dar Dia tiubharfaidh mise luach do chuid diúgaireacht' duit. Tá muid reicthe agad ó mhaidin go faoithin agus ó oíche go maidin, hébrí céard atá ort thar agus gasúir na tíre. Dá mbeinn cho maith le Ceaite Heic (: níl a fhios anois cé'rbh í) ní bheadh a sheasamh agam leat. Bheadh ciall diúgaireacht marach gurb í an diúgaireacht chéadna i gcomhnuí í. / Mo choinsias 's dar m'anam anois mara n-eirighidh tú as do chuid diúgaireacht' beidh scéal agad air. Níor tháinig iabh ar do bhéal ó thráthnóna ach ar an gceird sin pébí cé'n sórt anshógh atá chor ar bith ort. Ach ní anshógh ar bith atá ort ach neart ámhuilleacht' agus stuacaighil. Má fhaghaimse slat mhaith ghéar agus leagan ort, an fhad agus a gheobhas mé teas in do chraiceann, b'fhéidir go mbréagfadh sin thú.
Mara mbréagaidh múinfidh sé thú / 'Sé an fáth a bhfuil sé ar an diúgaireacht sin anois in áit a bhfaca sé bosca tae agam th'éis na Gaillimhe, agus ní bheadh fíth ná feáin air go bhfághadh sé é. An uair nach bhfuair, thosuigh sé ag gárthaighil, agus tharraingeochadh sé ba bodhra as coillte len a chuid síonaighle, nó gur thug mé cupla criogaide dhó.
Tháinig meacan annsin ann — meacan droch-mhúineadha. Tá sé ag diúgaireacht ó shoin. Ag ceapadh go bhfuighidh sé an bosca sin agus gan goir ar bith aige air. Cé'n ghoir a bheadh aige air? / Is deas í do cheird: ag diúgaireacht 'chuile ré soluis. Ní mhairfeá gan a bheith ag tabhairt snug leat i gcomhnuí — ní mhairfeá sin. Níl a fhios agam cé uaidh a dtug tú an amhlóireacht chor ar bith. Ní fhaca mé aon-duine eile ariamh dhár rugadh ins an teach, ar an gcaoi sin cé's moite dhuit féin. Ach bíonn an cuilthíneach ar 'chuile thréad / Má chloisim aon-bhlas de do chuid diúgair-eacht' aríst go faoithin bainfidh mé na scairteachaí asad le a mbuailfidh mé ort, creid mise dhuit ann. Thosuigh tú annsin th'éis am dinnéir an uair nach leigfí go L. in éindigh leis an gcuid eile thú, agus go mbeitheá tuithte in do chnap shul dhá mbeitheá leath-bhealaigh siar. Leigfear ann thú ach a mbeidh tú indon a dhul ann. Ní leigfear go dtí sin /

Déidín — Ainmfhocal — fireann. Iolraidh — déidíní

Déidín — crapadh a theagas ins an ngiall agus siar ins an mbéal.

Glasálann an giall agus ní féidir a oscailt le spúnóga féin scaithtí; lockjaw.

Tá déidín tuithte aige (: baintear leas as an mbriathar tuit leis i gcomhnuí) Thuit déidín aige / Is olc an rud déidín tuitim ag duine / Ní fhaca mé déidín tuitthe ag duine ariamh ach chonnaic mé tuithte ag capall é. Bhí sí annsin thuas againn — capall a raibh sé tuithte aice. Tugadh as í — le tíortháil / Is déidín a thuit ag P. Á. Ghortuigh bulán ar an aonach é. Tugadh isteach ins an aspuicil (: hospital) é ach dheamhan maith a bhí siad indon a dhéanamh dhó. Bhásuigh sé ann. / Dhá bhfágtaí capall ro-fhada gan rud len ithe, thuitfeadh déidín aice. Thuit déidín ag capall le N. Th. fadó an lá. 'Sé mo ghéar-chuimhne iad a fheiceál thuas in a h-éadan ins an gcró. Bhí 'chuile dheis aca léithe, ach chinn orra in a dheidh sin. Bhí an giall craptha ar fad, agus as sin ní fhágfad sé. Leagha na bFíonn ní dhéanfadh aon-mhaith di … is cosamhail gur fágadh ro-fhada in a troscadh í, aindeoin go mbadh "set" (: dream) iad a thugadh an-ghiollaidh-eacht do'n rud a bhíodh aca. Ach rinneadh éagcóir uirre ar chuma eicínt — rinneadh sin / Tuiteann déidín le gortú freisin. 'Bhfeiceann tú mac Th. G. annsin thiar ar bhuail capall de chic é isteach ar an ngiall. Níor chorruigh sé an giall go ceann fada. Bhí sé tugtha suas do'n bhás agus gan súil ar bith len a theacht. Chaith dochtúirí seachtain dhá láimhseáil, dar diaguí shrian sé as faoi dheire. Sílim nach dteagann sé roimhe, ná a dhath / Is diabhaltaí nach dtuitfeadh déidín ag lucht na bacsála sin agus na h-iarrantaí dalba a fhaghas siad ar na géill. Chonnaic mise fear dhá bhualadh i Sasana, agus dar brigh an leabhair duit thiocfadh sí thrídh ghiall chruaidhe. Shín sé ar shlatrachaí a dhroma é agus shílfeá dheamhan a bhéal a bhí sé i riocht a oscal. "Tá do phasóid agad a bhuachaill" adeirimse liom féin "Mara bhfuil déidín tuithte agadsa, ní chreidfidh mise go deo go raibh sé tuithte ag C. an uair a bhuail asal an tincéara é". / An té a mbeidh déidín tuithte aige ná bac thusa leis. Má bhíonn sé tuithte ceart aige, is fear réidh é. Dochtúirí na cruinne ní leigheasfadh é. Má ghníonn an giall crapadh tá sé craptha, agus ná bac thusa len a thabhairt ar ais, mar níl aon-ndán ar ais dó. Déarfaidh do rogha dochtúr leat é cuirfidh mise geall / Deirimse

leatsa gur beag dochtúr atá sásta a dhul i dtréim le déidín. Fuadóchaidh siad ag an ospuicil (: oispidéal) ar an bpuinnte é (: an té a bhfuil déidín tuithte aige) agus sin ní fhágfaidh sé go dteighidh sé ar thaobh eicínt. Maidir le go dtiocfaidh dochtúr amach annseo ag méirínteacht leis, is beag an baoghal a mhic ó. / I leabhar a léigh mé é gurb iad féitheachaí an ghéill a strompas má chuireann rud eicínt as a riocht iad. Annsin ní bhíonn siad indon an giall a oibriú síos na suas. Sin é an déidín … 'Sé má's é. Breagh nach mbíonn sé amhlaidh le fuacht. Is minic ariamh a stromp fear a chodlóchadh amuigh. Bheadh sé craptha ar fad, ach dá mb'fhéidir a bhéal a oscailt, bheadh leis. Is mór an t-iongnadh, má's iad na féitheachaí a strompas, mar adeir tusa, nach dtuitfeadh déidín ag a leithide sin. Scéal agus a thóin leis atá in do chuid leabhra / Ní déidín ar bith a bhí tuithte aige sin ach sine siadháin. Is mór atá eatorra a mhic ó. Is furasta an tsine siadháin a leigheas, ach ní hé sin do'n déidín é. Droch-éadáil ceart é sin. Bíonn an tseamair Mhuire ag an té a theagas uaidh. Buaileann sé caiple agus beithidhigh cho maith leis an duine agus níl a fhios agam nach measa a bhíos sé orra ná ar an duine. Tabhair faoi deara nach measa freisin / Thiubharfainn an leabhar go raibh déidín tuithte ag an luadhán cuit seo agam an oíche faoi dheire. Bhí plaic in a bhéal agus gan í ag dul siar ná aniar, agus é ag cínnt air a caitheamh amach ná a bhéal a oscailt len a caitheamh amach. Bhí sé ag sníomh agus ag lúbadh agus a dhrioball in a bhior aige, gan mothú ar bith. Hébrí cé'n sórt ualach a bhí air chuir sé dhó (: dhe) ins an deire é. Dhá n-imigheadh sé féin, is beag an chaitheamh in a dhiaidh a bheadh againn: is beag é a mhaith ná a mhaoin. Má tá eallach ar bith fairsing timcheall an tighe seo, is cuit iad. Bhainfidís an greim amach as do bhéal / / 'Sabhálaidh Dia sinn: déidín tuithte aige. Má tá muise is fear réidh é. Céard d'eirigh dhó? 'Ar ndú (: ndóigh) ní hí an spala a buaileadh air thoir annseo is cionntaighe. Chaithfeadh sé go raibh tsiocair (: siocair) eicínt aige thairis sin. Is deacair le déidín tuitim. Chuala mise cheana gur buaileadh iarraidh d'ord ceardchan ar an gC. a bhí thuas annseo agus é sínte ar an mbóthar. Cuireadh cnáimh a ghéill as áit agus in a dhiaidh sin féin dheamhan déidín a thuit aige. Mara b'shin í a dhóthain de shiocair castar leis é, ach bhí giall cruaidhe aige siúd, deir siad /

Tá déidín tuithte agam leis an bhfuacht, leis an ocras, le codladh; ag fanacht le duine eicínt, cheal tobac, go dteightheá ag damhsa, ag obair agus rl. = ní bheadh an déidín tuithte dháiríre, ach go mbeitheá thart, nó scrútuighthe cheal an rud áirid sin; nó go mbeitheá in ainriocht de bharr rud áirid a bheadh ag gabhail duit. (Ach ní fuláir a thabhairt faoi deara nach gcuirfí an luighe seo air, le tinneas ná le péin, nó le rud a bhfuil an duine ag saothrú an tsaoghail leis, ionann agus cho mór agus dá mbeadh déidín tuithte aige, nó é tugtha uaidh go mór. Ní abróchthaí cuirim i gcas: "Tá déidín tuithte aice le tinneas cloinne", nó "tá déidín tuithte aige le tinneas droma", nó "tá déidín tuithte ag an sean-duine bocht le scoilteachaí", nó "tá déidín tuithte ag an duine bocht ag iarraidh greim a mbéil a shaothrú dá chloinn". Ach déarfaí "tá déidín tuithte ag an gcirc sin go mbeiridh sí an ubh". An uair is cúrsaí tinnis shealadaigh é nach mbíonn ro-mhór is féidir a rádh)

"Tá déidín tuithte agam ag fanacht leis agus dheamhan a chos atá ag teacht. Béidh a shliocht air: Beidh moill aríst air shul á fhanfas mise leis — beidh sin / Tá déidín tuithte agam leis an ocras agus gan aon-chosamhlacht aon-ghreim annseo / Bhí déidín tuithte agam d'fhuireasbhaidh gráinne tobac agus gan aon-ghráinne ag gábhail leis an D. Chuir mé fios tigh Bh. N. air le S. seo thuas, ach sin é teachtaire an Fhiadha ó'n Áirc. Beidh déidín tuithte agam faoi dhó ach a mbeidh sé sin ar ais. / Dheamhan gráinne tobac a gheobhfadh sé uaithe siúd dhá dtuiteadh déidín aige — dheamhan gráinne sin. Tá sí siúd cruadh coinneálach agus gar di féin. Ná bac thusa leis an té a fheiceas tú ag comhaireamh na stiallógaí aráin a thiubharfas sí duit. Droch-cheann ceart í sin / Ní thiubharfainnse aon-deoir óil dó dhá dtuiteadh déidín aige. Bhí sé in a sheasamh thiar ag an gcúnntar an-tsubháilceach go deo, agus é ag forcabhás ar 'chuile dhuine a thiocfadh ag glaodhach deoch. Bhain sé féin an lá as an bpionta ag súil le 'chuile dhuine eile / Bhí sé annseo anuiridh agus dheamhan lá beo ach an Domhnach féin nach mbíodh sé thíos ag ceann an bhóthair roimhe fhear an phosta. Ag fanacht le scéala faoi'n "dole" a bhíodh sé, agus bhí an-mhoill air ag teacht. Shíl mé go dtuitfeadh déidín aige faoi dheire thál (: ó thárla) nach raibh sé ag teacht / Tá sé in a mhaide seaca thoir annsin ag an mbinn ó mhaidin ag faire uirre

a theacht amach. Mara dteagaidh sí amach muise roimhe an oíche, tuitfidh déidín aige. Tuilleadh ghéar de'n diabhal aige. Breagh nach bhfanann sé thiar ins an mbaile, maran fada aniar atá a chosa dhá thabhairt annseo / Go dtugaidh an diabhal coirce dhuit, croisim aríst thú. Dhá dtuiteadh déidín agad muis d'fhuireasbhaidh tae dheamhan thiomanta deoir a chuirfeas tú ar do bhéal dhe, go mbeidh sé in am agad é a chuir air. Ní bhíonn sé ólta agaibh dhá mhionóid an uair a bhíos sibh ag sclamhaireacht dhá iarraidh aríst. Ní sheasfadh stór mór an tae libh leis an gcaoi atá oraibh / Bhí déidín tuithte againn leis an ocras an uair a fuair muid aon-ghreim, agus an uair sin féin ba gann gortach uatha é a thabhairt duinn. Stiallóigín bheag aráin a bhfeicfeá dealg indo mhéir thríd, agus scudalach tae ar baineadh an t-anam as — má bhí sé ariamh ann — le neart brutha. Méaracáinín beag fuisce annsin nach n-aireochthá a bhlas ar do theanga. Tugaimse mo mhallacht ar chuma ar bith do bhainseachaí Bh. / Ara a dhearbhráthair mo chroidhe tú tá déidín tuithte ag a bhfuil ins an teach seo cheal "fags", agus é ag cínnt orra aon-cheann a fháil. Ní cheal a shaothruighthe é muis. Chuaidh duine aca soir cho fada le tigh Bh. N. an oíche cheana, ach dheamhan ceann adeirigh leis ach an oiread. Reicfidís istigh ins an teach thú an uair a bhíos siad dhá bhfuireasbhaidh. Ní mian leo buille maitheasa a dhéanamh. Tháinic mé isteach an lá cheana agus ubh agham a fuair mé beirthe. Hébrí cé'n chaoi ar sciorr an focal uaim féin gurb sheo é Seascach na gCearc — leath-fhocal é atá agham — "m'anam nach hé" adeir sé "nach (: ach) Seascach na "bhfags" agus an tobac". Tá a fhios ag mo chroidhe go mbeadh truaighe agad dóib scaithtí an uair a bhíos siad lá nó dhó dhá bhfuireasbhaidh / Dheamhan duine muise as an teach a thiocfas a (: do) chongnamh dó dhá dtuiteadh déidín aige ag forcabhás orra. Nach réidh a gheobhadh sé daoine ag dul dhá marbhú féin dó-san, agus gan é ach ag magadh fútha aríst ar fud an bhaile. Chuaidh beirt as an teach dhá lá le coirce aige anuiridh, agus 'sé'n siomsán (: seamsán) a bhí aige soir faoi na bóithrí aríst, go mb'fhearr dóibh a bheith ag déanamh rud eicínt ó thárla nach raibh aon-choirce aca féin. Ag ceapadh go dtiubharfadh muide lá do'n fhear sin aríst! / Tá déidín tuithte aige ag fanacht go n-imighidh an deirbhshiúr agus go bhféadaidh sé pósadh, agus gan cuimne ar bith féin ag an deirbhshiúr aon-chois a chorruighe as siúd. Tá an iomarca aoise aice anois le go n-iarrfadh duine ar bith le pósadh í, mara mbeadh sean-súmaire go díreach ann, a chaith a shaoghal i réigiún coimhthigheach eicínt agus a thiocfadh

abhaile lobhtha le airgead. Ní chuirfeadh sean-raicleach ar bith aon-éiseall ar a leithide sin / … Ach creid mise dhuit ann go raibh déidín tuitthe aige ag iarraidh imeacht an uair a leig mise uaim é. Ní thiocfainn ins an gceann sin leis chor ar bith, marach cho dúlaidhe agus a bhí sé le fanacht idtús oíche. Feicfidh tú féin air nach hé an chéad bhall a chasfar in mo theach-sa aríst é — nach hé sin / Fear oibre mo chreach! Bíonn déidín tuithte aige go mbuailidh sé an cúig a chlog. Ní dhéanfad sé mogal in a dhiaidh dá mbeadh do chailleadh go deo leis / Bhí déidín tuithte aice ag súil le geampa de'n fheoil ach is túisce a chaithfinn amach ins an aoileach í ná a thiubharfainn aon-cheo di. Mharbhuigh siad féin dhá chaora le dhá bhliain agus b'olc fúithe iad. Ní fhaca muid mórán dá mbarr ar aon-nós. Dheamhan ruainne ná sprúille muis! / Shíl mé go dtuitfeadh déidín aige nó go gcloiseadh sé céard a bhí inghean an Mh. a dhéanamh i bhfus againn an Domhnach seo caithte, ach dheamhan fairnéis a fuair sé air uaimse. Ní labhróchainn amach as mo bhéal air leis dhá mbadh rud é a choinneochadh i bpiolóid é. Agus bí siúráilte muis go (: gur) b'eadh / Tuitfidh déidín aige cheal mná shul má phósfas sí siúd é. Diabhal mise muis gurb aige atá an mheas air fhéin — a leithide de shean-chuaille — ag tnuthán go bpósfaidh gearrchaile é nach bhfuil an scór sáruighthe fós aice. Ach 'siad na cráinfhir sin is measa a bhíos an uair a bhuaileas an rachmall iad / D'fhanfadh sé in a sheasamh annsin gan é a iarraidh, go dtuiteadh déidín aige. D'fhanfadh. Ní fhaca mé aon-duine ariamh is lugha triollúis ná é. Níl aon-ghna (: gnó) aige a dhul rith coirce ó bhaile choidhchin nó is fear é a gheobhfas ocras / Tá déidín tuithte aige go gcaillteár an tsean-lánamhain agus go n-eirighidh an áit leis féin. Ach dheamhan agus móide fód dó a chomhairfeadh sé go bráth th'éis an forcabhás atá aige air.

Tá an tsean-bheirt siúd sáthach aigeanta freisin, agus tá daoine is goire dóibh ná eisean, len a gcuid a thabhairt dóibh / Tuitfidh déidín aige siud mara dtugaidh sibh cupla scilling dó le dhul ag an gcéilidhe. B'fhearr dhaoib, má tá aon-phighneachaí beaga ann a gcaitheamh aige. Nach bhfuil an duine bocht ag saothrú an tsaoghail sáthach dona agus gan é a choinneál istigh ins an oíche Dé Domhnaigh. Dheamhan a n-éiligheann sé imeacht aon-oíche eile. /

Drabhlás — ainm-fhocal; fireann; iolraidh — drabhláis.
[Fuaim — tá an d agus an r leathan. Ní bheadh "dreabhlásach" in a leitriú ceart de réir fuaime an cheanntair seo]
Aidiacht as drabhlás (: dramhlás) = drabhlásach, dramhlásach
Dramhlás = aois díobhthaill a dhéanamh; ragairne; a bheith ag imeacht gan aon-cheannús ceann ná cló-stiúrtha ar bith; rabairne; caithmheachas; do shaoghal, do shláinte, do chuid a chur go dona; rachmall; téagar; méid; fairsinge.

Bhí an drabhlás ariamh ins an dream sin — ag rampúch fud na tíre agus ag ól ó oíche go maidin i dtighthe ósta / An drabhlás a chuir le fán iad.
Bhí giodán deas talmhana annsin thuas. A n-athair a shaothruigh 'chuile throigh dó. Bogach bháidhte a bhí ann go dtí sin. Ach chuir sé togha caoi air. Ar an dá luath agus ar imigh sé, chuaidh an droch-rath air. Ní ba droch-rath go dtí é. Ó'n máthair a thug siad an drabhlás. InDomhnach bhí sí féin cho dona le ceachtar aca. Is minic a chaith sí oiche go maidin thíos ag an D. in a dteannta. Cé'n chaoi eile a bhféadfadh an chlann a bheith, ach mar bhí siad. Fuair duine aca bás ar an sliabh. An ceann eile d'fhága sé an baile ar fad agus bhíodh sé ag dul thart ar aimsir in áit ar bith a bhfaghadh sé glaodhach. Is beag an chomhnuí a ghníodh sé in aon áit. Ins an "bpoorhouse" a bhásuigh sé ins an deire sílim. Ag S. É. atá a gcuid talmhana anois. Tá an teach tuithte.
Sin é an bhail a d'fhága an drabhlás orra sin. / Céard a d'fhága ag cartadh créafóige é. D'fhága mh'anam an dreabhlás, ar rud a d'fhága céad fear leis amhlaidh. A bheith ro-chaithmheach, ro-chóir, agus ag cur scolb i dteach an leanna an uair a bhí aige é a chur ina theach féin. Tá a shliocht ar a theach indiu: níl cloich (: cloch) ar a fhuaid /
An drabhlás — an drabhlás ní dhá roint leis é. Ag imeacht ag caitheamh a chuid ag mná ósta. Agus níorbh iad sin féin ba mheasa dó dhá dhonacht iad, ach mná tharta. Agus bhíodh an oíche caithte thar druim an uair a thaobhuigheadh sé an teach ins an am a dtaobhuigheadh sé é. Gan eirghe go h-eadarshuth annsin, agus beithidhigh chuile dhuine ar a chuid, agus an tír ag baint bearraidheachaí dó (: de). Nach shin é do dhóthain / Gheobhaidh sé a dhóthain de'n dreabhlás shul ma a bheidheas sé réidh leis.

Féachann sé an chuid is fhearr aca a mhicócaí (: a mhic ó) mo chroidhe / Marach go raibh an drabhlás ionnta 'ar ndú (: dar ndóigh) bheadh áird ar ghort nó ar gharrdha aca thar mar bhí, agus gan a bheith ag imeacht síos Gaillimh 'chuile ré soluis ag caitheamh na pighinnín a bhí aca / "Ara muise a ghiolla an drabhláis" adeireadh an bhean leis, "dhá mbeadh an teach taobh leatsa" is fadó an lá a bheadh an spéir isteach thríd." Ní thugadh sí sásamh ar bith dhó, ach iarraidh, dhá gcuireadh sé aice ná uaithe. Agus bhíodh airgead óil aige in a dheidh sin. Ghoideadh sé beithidhigh uaithe inganfhios agus dhíoladh sé iad / Níor fhága sé bonn bán air féin le drabhlás. Ag imeacht ar aer an tsaoghail, ag rástaí agus ag ól, a chaith sé a chuid saidhbhris. Bíodh sé buidheach dá athair a d'fhága aige le caitheamh é. Ba bheag a bheadh aige féin le caitheamh marach sin / Mara n-eirighidh sé as a chuid dreabhláis is gearr gur fear réidh é. 'Ar ndú ní sheasfadh Dúithche na mBl. dó, tá sé cho caithmeach sin. Tá an cheird sin ceart go leor ag an té a bhfeileann sí dhó nach (: ach) m'anam nach hé a leithide seisean é / Cuirfidh an drabhlás de dhruim seoil é nó is maith a bhéas sé ar a mhaidí. Chonnaic mé annsin thiar é an t-aonach cheana. Dhíol sé ceann beithidheach agus chuaidh siad isteach tigh Th. ag ól an bhéiréiste. Crochadh mé féin isteach. Leag sé páipéar chúig phunt ar an gcúnntar. "Ól dho'n teach" adeir sé. "Ní fhágfaidh mé an baile seo indiu go n-ólfaidh mé an phighinn bheag agus an phighinn mór de'n méid sin." "Bíodh splanc eicínt céille agad" adeirimse, ach ní raibh aon-mhaith dhom leis. Tá mé ag ceapadh nach taobh leis na chúig phunt a bheith caithte aige a bhí sé an uair a tháinig sé aniar / Tá ciall gnaoidheamhlacht ach ní gnaoidheamhlacht ar bith a ghníos sé sin ach drabhlás: ag caitheamh nútaí (: nótaí) puint i dtraipisí mar a d'fheicfeá gasúr ag caitheamh miarógaí (: méarógaí) le éanachaí. Sín í a cheird / Chruinnigh an t-athair go cruadh críonna é ach caithfidh drabhláis an chliamhain anois é: díol duine uasail de chultachaí éadaigh, ól agus ragairne, isteach agus amach Gaillimh 'chuile phuinnte. Tá mac Sh. ag baint bearraidheachaí maithe dhó (: dhe) len a mhótar / Dheamhan mórán a chaith sé ariamh le drabhlás. M'anam má bhíodh sé ag imeacht go fánach agus grádh do'n chomhluadar aige, go mbadh é cuid daoine eile a chaith sé. Cé a chonnaic é ag baint an tsnaidhm dhá sparán féin? / Níl drabhlás airgid ar bith 'ar ndú is mó ná drabhlás cártaí. Is minic a chaill daoine a raibh istigh agus amuigh aca leo. Is minic a chuala

tú ariamh faoi dhuine uasal a bháith a dhúithche an uair a bheadh an imirt ag dul in a aghaidh. Agus nar chuala tú freisin faoi'n bhfear a gheall a anam do'n Diabhal as ucht buadh imeartha a thabhairt dó / Cé'n chaoi a bhféadfadh sé aon-rath a bheith air agus a raibh de'n drabhlás ag siubhal leis. Nach mbeadh luach an bheithidheach ab fhearr a bhí ag gabhail leis caithte aige síos agus aníos Gaillimh / Bhí maoin agus bráigill aige ceart go leor, ach ba ghearr le dhul ar an drabhlás iad mar sin féin. Sin é an rud a d'fhága ar leath-sciathán é, ní dhá roint leis é / Ba mhór é a gcuid airgid tamall ach chuir an drabhlás agus an díthcéille ag caitheamh na miotán iad. Sílim nach bhfuil mac an aoin bheo aca ins an gcomhaireamh ceann indiu. Ag S. Ó. C. atá an áit anois / Dar príosta chaith sé an drabhlás igcártaí cho luath agus a phós sé. Cá'il an té a chonnaic in aghaidh cúntar teach ósta ó shoin é? / Deir siad nach bhfuil ceannús ceann ar bith ar an gclann atá aige sin le drabhlás. Árduigheann siad leo na beithidhigh de'n talamh thiar, agus díolann siad ingan fhios dá n-athair iad. 'Sé a fhearacht sin aca é le cruiteanna fataí, le coirce, agus le 'chaon tsórt dá mbíonn ann. /

Níl aon-drabhlás ins an éadach sin = is gearr le dhul é; níl aon-téagar ann; is beag na baill a d'fhéadfá a dhéanamh as Bhí mé ag ceapadh go mbeadh díol bheist freisin ann idteannta an treabhsair, ach ba bheag an baoghal air. Ní bhíonn drabhlás ar bith ins an éadach siopa sin le h-ais éadach na tíre / Shíl mé go mbeadh ní ba mhó drabhláis in mo ghiota flainín ná a bhí. Ba ghearr le dhul é an uair a bhí drár agus báinín bainte as do Sh. agus do Mh. Ar éigin a bhí diol drár eile d'fhuighleach th'éis an méid sin / Ná bac le táilliúirí an bhaile mhóir. Rud ar bith a chuirfeas tú aca (: chuca) sin déanfaidh siad an méid adéarfas tú leo agus ná bac le tada a bheith le cois. Coinneochaidh siad féin é. Bíodh drabhlás in do phíosa nó ná bíodh, is aon-chás amháin leo siúd é. Dar príosta an táilliúr amach annseo, tiubharfaidh sé dhuit a mbeidh d'fhuighleach aige, ní h-ionann agus na cneamhairí siúd é / Nach beag an drabhlás é in a dheidh sin, scáth an gúna sin a bhaint as, agus níl cion pluide páiste in a dhiaidh ann. Sin é an chaoi i gcomhnuí leis an éadach sin / Diabhal mé go sílfeá go mbíodh an-drabhlás ins an éadach a bhíodh ann fadó. Dá mbeadh

méid ar bith in do ghiota flainín nach bhfeisteochadh sé amach lán tighe.
Ach an leámháinín siopa sin, gheobhfá an saoghal dó (: de) agus ní thiocfadh
sé i bhfad ná ingearr in a dheidh sin. Ní mór do dhuine a bheith imighthe
dhá cheannacht 'chaon dara lá. A Thighearna Dé nach hé an saoghal
a d'imigh ó'n uair a mbíodh mná ag sníomhachán ó oíche go maidin.
Is gearr nach mbeidh túirne ins an tír / Shílfeá go mbeadh an-drabhlás
ann, nó go ngearrtaí é; (: éadach) ach ó a fheicfeas tú gearrtha é
níl tada ann. Shílfeá gur crapadh a dhéanfadh sé / 'Sé an gearradh
a thugas sí air nach bhfágann aon-drabhlás ann. Cuireann sí leath an
éadaigh amú. Tá gearradh dhá cuid féin é — gearradh a dhiomal
-uigheas an t-éadach uiliog. Marach sin 'sí togha an "dressmaker" í /
Ara níl drabhlás ar bith ins na "feaigs" sin le h-ais an tobac. Bhainfeadh
fear trí lá as unsa tobac ach cá'id a bhaineas siad as na "feaigs":
scór ins an ló amanntaí. Níl ann ach ceann aca a chur in a mbéal
agus tá sé imighthe ar an toirt. Is daor an spóilín iad mara bhfuil
an té ann a bhfuil teacht-isteach aige len a n-aghaidh / Diabhal
mórán drabhláis muise ins an tobac ach an oiread leo sin atá tusa
a chaitheamh. Meastú an dtáinig mé leis an dá stuipéad (: "plug") an
tseachtain seo a ghabh thart. Dé h-Aoine a
cheannuigh mé ag an bpinsean iad. Sáthach spurtha a bhí siad ins an
oíche Dé Céadaoin a bhí chugad. InDomhnach b'éigean dom "an gaimbín" a fháil
th'éis am dínnéir Diardaoin le mé a thabhairt go h-Aoine aríst.
Níl an drabhlás ins an tobac anois mar a bhíodh fadó. Sin nó tá mise
ag déanamh éagcóir orm féin / Is beag an drabhlás atá chor ar bith
ins an móin bháin sin le h-ais na cloch-mhóna. Cuirfidh tú síos greallach
di ach bíonn sí dóighte de léim. 'Sé a bhfuil innte an lasadh sin /
Shílfeá go mbadh cheart go mbeadh drabhlás thairis sin ins
an gcarr móna a thug mé de'n phortach arbhú indé. Dheamhan aithne
oraibh nach bhfuil an oiread teinteachaí agaibh agus atá thoir tigh K. Breagh
nach ndéanann sib réidhteach léi, nó an gceapann sibh go bhféadfaidh fear
a bheith ag rith suas agus anuas 'na (: chun an) phortaigh daoib-se 'chuile ré
soluis agus sibse ag breacadh 'u' luirgne annseo (: bhur luirgne). Nach
sraimlidhe an scéal agam é — nach h-eadh sin / Bhí a dhóthain drabhláis ins an
gcoca marach go ndearnadh plaicín ghabhair i dtosach dó (: de). 'Ar ndú' ní

sheasfadh féar na h-airí libse. Agus a rádh annsin mar dhóigh dhe nach raibh aon-drabhlás ins an gcoca. Chuirfeadh sib duine thar bharr a chéille, le áird a thabhairt oraibh. 'Sib a chuirfeadh / Níl dreabhlás ar bith ins an gcaoirfheoil sin len a bhfuil de gheir innte. Chion dá phunt feola níl i gcúig phunt di. Geir agus cnámha — sin é a bhfuil innte / Ba diabhaltaí an cárnán feamuinne a chuir sé aníos agus ní raibh drabhlás ar bith innte in a dheidh (: dhiaidh) sin. 'Sé ar leasuigh sí an cúl thoir agus an cúl ó dheas agus ruidín (: gitín) beag de'n chúl thiar, th'éis gur shíl mise agus gur shíl sé féin go dtiubharfadh sí congnamh maith ar an ngarrdha uiliog. Ach chuir sí ro-thiugh í. Dhéanfadh daithín beag de'n sean-leasú an áit sin: Talamh craicinn mar é / Cé'n drabh-lás a bheadh ionnta — scriocháin (: creacháin) mar iad — agus go sluigfeadh dreoilín 'chuile cheann aca. Na fataí a bhí ingarrdha an tsléibhe bheitheá sáthach ag trí cinn aca, ach an ghrifisc a bhí annsin thoir níorbh fiú do dhuine a bheith dhá mheath féin dá mbaint chor ar bith marach go gcaithfí na bruachannaí a rómhar ar aon-chor / Drabhlás i bpáipéar puint anois! Cá bhfuigheadh sé é! Agus 'chuile shórt ar a dhaoirse. Má theastuigheann culaith éadaigh uait lán laidhre uirre. Má theastuigheann péire bróg uait, agus má's leat cois thirm a bheith ort ní bhfuighidh tú cianóg as coróin agus dá fhichead iad. Is gearr le dhul puintín gágach deirimse leat. / Bhí siad ar meath tá mí ó shoin agus mharbhuigh siad glac fhaidhtíní. Bhain muid asta agus shaill muid iad. Shíl muid go mbeadh iasc againn go Nodlaig. Ach mo chreach mhaidne. Ní raibh drabhlás ar bith ionnta. Ní mó ná cheithre cinn a riarfadh an comhluadar — slán a bhéas siad — ins an "turn". D'ith muid an ceann deire aca arbhú indé. Tá muid réidh le goirteamas aríst imbliana, mar ní shroichfidh aonduine amach ann (: ar an bhfairrge) / Tháinig galún pórtair annsin an t-am a raibh muid ag cur isteach an fhéir, ach ní raibh drabhlás ar bith ann. Ins an am a raibh a mhuigín féin bainte as ag 'chuile dhuine b'fhurasta cur chuige. Go leigidh Dia slán na daoine, is maith é an congnamh in a dheidh sin /

Drabhlásach — aidiacht as drabhlásach agus an chiall chéadna leis

Is drabhlásach go deo an duine é. Ní fhágfadh sé bonn bán ar aon-áit dá mbeadh sé. An uair a bhíos na pighneachaí a shaothruigheas sé féin caithte aige, tosuigheann sé ag tuineadh leis an tsean-lánamhain, agus bíonn sé ag gabhail dóibh go deo, go meallann sé an chianóg dheire de'n phinsean uatha agus go gcuireann sé an rath céadna air. / Ba bheag an bheann a bheadh aca sin ar an saoghal marach cho drabhlásach agus a bhí siad fhéin. Bhí siopa annsin thoir ag a n-athair agus níl nídh dhar dhealbh an ghrian nach bhfuightheá istigh faoin a chaolachaí. Thug sé scoil agus foghluim dóibh. Bhánuigh sé é féin dhá gcur ag colaistí agus ag árd-scoileannaí. Chuaidh siad 'un dreabhláis: ag imeacht le ragairne ó oíche go maidin, agus ar aer an tsaoghail ó mhaidin go faoithin. Chuimil siad sop na geirthe dhó, agus chaith siad 'chuile sciúrtóg dhá raibh ar a fhaltanas. Ach bhí rud ar shon a gcuid drabhláis aca. An uair a bhí a n-athair de dhruim tighe aca, b'éigin an áit a dhíol, agus bhí siad-san in a gcleith uaidh sin amach. Ar chuala tú ariamh é, an uair a stopas an síol stopann an fuirseadh. Bhí siad-san gan pighinn gan bonn uaidh sin amach. Ba ghearr gur ag imeacht ag súdaireacht ar fud na G. a bhí siad: duine ar bith a thiubharfadh luach pionta dóibh. Bhí sipín beag ag M. thíos i bP. an Ch., ach ba ghearr a bhain sé as. Ní raibh a fhios aca de'n bheirt — é féin nó a bhean ba dhrabhlásaighe a bhí. 'Ar ndú mo léan chuaidh sé i gcuingir leis an gceann ceart — inghean L. Uí C. / Nar chuala tú an sagairt ag cur síos ar an mac drabhlásach siúd a bhí ann fadó nach ngéillfeadh do chomhairle athar ná máthar gur ghread leis. An uair a bhí a chuid caithte aige, bhí sé in ainriocht. Bhí sé ag tabhairt aire do mhuca agus bhíodh an oiread sin ocrais agus go gcaitheadh sé cromadh síos ar a dhá ghlúin agus a dhul ag smalcadh cosamar na muc. Dheamhan leath an chirt a bhí leis nar fhan ins an áit a raibh sé i mbun a shátha. Tháinic sé abhaile aríst in a bhromachán bliana, ach dá mba mise an t-athair, is fada uaim amach a choinneochadh sé. Meastú an leigfinn isteach in mo theach é? Dheamhan é muis dá gcuireadh sé a bhundún amach … Ach níor éiligh sé imeacht aríst. Fuair sé luach a chuid drabhláis. Múineann an saoghal duine / Tá sé dreabhlásach faoi mo chuid-se agus do chuid-se, ach tá cion aige ar a chuid féin. Is furasta dhó a thoidheacht abhaile ag gabhail fhuinn féin an uair a fhagas sé pleotaí

len a chur ins an gcruth sin. Marach sin ba bheag de'n cheird sin a bheadh air, deirimse leat. Ní raibh an boiscín "feaigs" sin an-drabhlásach muis, má tá siad caithte cheana agad, scáth an t-achar ó fuair tú iad. Maran thusa atá drabhlásach leo dhá roint ar dhaoine. Cheidim (: chreidim) ar aon-chor, nach (: ach) an oiread leis an tobac gur beag an drabhlás a d'fhan ionnta ó tháinig an Cogadh. Níl maith fanta i dtada ag an gCogadh céadna.

D'iagóir (: d'éagcóir?) De dóibh nach n-eirigheann as agus suaimh-neas eicínt a thabhairt do'n saoghal, ach cheidim nach bhfuil aon-suaimhneas indán dó ach grásta Dé / Tá siad an-drabhlásach leis an móin — dhá theine ann go síorruidhe. Ach is furasta dóibh arsa tusa: ag imeacht dhá ghoid uaimse agus uaitse de shiubhal oíche, agus a gcuid móna féin in a scaradh ar an bportach, cheal an té a ghróigfeadh í, ná a thiubharfadh aon-ghiollaidheacht di. An uair a bhí aca a n-áird a bheith ar mhóin, is ag imeacht ag gabhail Laddie o' Lee ar an mbóthar, nó síos indiaidh "Choiste na bPáistí" ag cladaigh a bhíodh siad / Leig sí a clann fré chéile 'un drabhláis, ach d'eireochadh di. Ní raibh aon-cheann ar an bhfeadhain aca ba drabhlásaighe ná í féin / Ara tá muintir Ch. an-drabhlásach agus bhí 'chuile lá ariamh. Cho luath agus a bhéarfaidís ar an scilling, bheadh sí ag dóghadh a bpócaí go gcaithidís arís í. Sílim nach bhfuil an líne óg atá ag eirghe suas ann mórán níos fearr ná na sean-daoine ach oiread. Ach céard a dheanfadh mac an chuit ach luch a mharbhú /

Dallán, (dallarán — dularán) — ainm-fhocal; fireann. Iolraidh — dalláin
Fuaim — an fhuaim chéadna ar an gcéad siolla agus atá ar u indubh, ubh
dallán — (i) súil fata, crainn, nó rud ar bith mar sin a chuireas amach.
(ii) poll nó bealach an bhainne i sine na bó, nó i sine ar bith
Dallarán an leagan atá air ar an Achréidh. Seán Ó Beáin
Páirc Gharbh, Baile an Chláir, Seán Mhag Ceara Cearnmór, Uarán
Mór. Fuaim — dulurán /

Níl aon-dallán ins an bhfata sin. Is beag an mhaith a ghearradh / Mara bhfeicidh tú dallán ins an bhfata, ní dhéanfaidh sé aon-tsíol. Caith in éindigh leis na sclamhairí é. Ach má bhíonn sé níos mó ná na leath-fhataí seo, tig leat a leagan i leathtaobh. Foghanfaidh sé arís. Íosfaidh muid féin é / Níl dalláin ar bith i leath na síolta seo. Ní fhaca mé a leithide de ghrifisc fhataí ó rugadh mé. Cé'n poll a raibh siad seo. Puill gharrdha an chladaigh. D'eile. Tabhair suas do gharrdha an chladaigh ariamh féin é / Níl an dallán sin ag cur amach chor ar bith. Mara bhfeicidh tú an bhaslóig, níl an tsúil ag cur amach agus níl aon-mhaith dhuit a bheith do do mheath féin leo. / Chonnaic mé fataí annseo bliain — fataí Achréidh a cheannuigh mé le h-aghaidh síl — tháinig mé gann i bhfataí síl an bhliain chéadna Ar an bhFaithche Bhig a cheannuigh mé iad ó fhear as áit eicínt taobh anoir. Dheamhan a gcuimhnighim anois cé'n áit, ach d'aithneochainn an fear agus dheamhan gaisce a bhí air le gnaoidheamhlacht. Dheamhan thiomanta dallán dá raibh orra nach raibh cho mór le béal an bhuidéil sin. Chuir mé annseo thiar iad i ngarrdha na h-I. Bhí an-ghaisce agam asta. Togha fataí dair liom féin (: dar). 'Sbáin mé do T. iad, agus mé dhá gcur. Ní mórán spleodair a bhí ag T. asta. Fuair sé caidéis do na dalláin — go raibh siad ro-mhór. Rinne siad thar cíonn idtús bliana. Bhí siad go h-árd as cionn talmhana, agus gan das déanta ag fata ar bith eile ag gabhail liom. Bhí go maith go dtí amach ins an mbliain. Bhuail an lobhadh bán iad as éadan. Ba mhór an carghaos a bheith ag breathnú orra. Dheamhan blas a bhí agam de bhláth bliana orra ach grifisc — tabhair grifisc air. Chaith mé ag na beithidhigh iad leisce a bheith ag breathnú orra. Sin é an chaoi a ndeachaidh dalláin mhóra an Achréidh damsa. Ná samhluigh fataí Achréidh liomsa ariamh ó shoin. /

Ní ughdair mhaithe seaimpíní (: champions — cineál fataí) iad sin. Is beag le go bhfeictheá na dalláin ionnta … ná bac leis sin. Is iomdha fata nach mbíonn aon rath leis an dallán ann agus go ndéanann sé togha síl in a dhiaidh sin. Ní hé an dallán a ghníos chor ar bith é, ach é a bheith de mhianach ins an bhfatha. Mara bhfuil, is cuma dhuit dalláin orra nó dhíob / Ní de'n díogha iad deirimse leatsa. Feacha na dalláin atá orra sin. Tá tú i síol fataí a dhuine sin, go bhfeicidh tú na blianta / Dalláin ag an diabhal ort. Cá'il na dalláin? An caoch atá tú? Tóruigh an méid atá gearrtha agad aríst agus togh na síolta caocha as. Is deas iad mo chuid síolta! Bhí sé cho maith dhom imeacht ag gabhail "Laddie O'Lee" ar na cnocáin le dhul ag deargadh talmhana len a n-aghaidh sin / Dar udhacht an tsiogáin (: seangáin) duit níl aon-dallán ag gabhail leo. Á nach hé an fhoghail é! Tá mé as síolta muis i mbliana. Mar a chéile uileag iad. Dheamhan ceann go tóin aca nach hé an chaoi chéadna leis é / Nach bhfeiceann tú na dalláin bainte asta. Sin é an chosamhlacht a chuir tú ort féin agus cead a thabhairt do na diabhlánaigh de ghasúir sin a dhul ag spochadh leo. Dar brigh na míonn agus bhainfinn an t-anam asaibh mara gcrapaidh sib lib — agus crapadh lib go beo freisin! Nach raibh a fhios agad pé'r bith céard a mhillfidís sin in do thímcheall nach leasóchaidís tada. Tá an millteanas de bheith orra. Ní millteanas go dtí é / Tá na dalláin ag cur amach ar na crainnte. Má's í an t-aidhbheirseoir de dhris féin tá sí ag beochan suas. An bhfeiceann tú annsin í, ag cairthiughadh amach i lár an bhealaigh orm / Níl dalláin an tsean-chrainn daraighe sin thíos ag goineachan amach chor ar bith imbliana. Tá sé críonta. Is fada ar an saoghal an crann sin déarfainn. Ach ní fhásfadh tada ins an áit a raibh sé le rithteacht / Má leigeann tú dóibh feicfidh tú go gcuirfidh na dalláin sin craobh amach aríst in aithbhliain. Siad atá deas air. Ach má roiseann tú mar sin é bain do shúil dó (: dhe). Ní fhéadfadh crann ar bith goineachan ar tugadh an úsáide dó a fuair an crann sin / Fásfaidh bíonglán (: biongán, beangán) eile as an dollán sin agus dá réir sin suas. Faoi cheann chúig bhliana ó indiu an té a bhéas beo, feicfidh tú gur maith cairthighthe amach ar an mballa a bhéas an buachaill sin. Ní bhíonn achar ar bith ar an gcineál sin /

Tá dallán na sine calctha ar chuma eicínt — sin nó níl sí ag tál an bhainne. Tá an úgh lán aice ar chaoi ar bith … Nach hí an píopa agad í go mbeadh sí calctha. Diabhal aithne ort nach súghlach a theagas as sine i leabaidh bainne. Cé'n chaoi a bhféadfadh sine calcadh. Bíodh unsa céille agad — bíodh sin / Tá dallán cho mór ar an tsine aice bail ó Dhia uirre, agus go sílfeá gur béal soithigh iad an chaoi a dtálann siad an bainne. Níl an mianach sin i mbó na tíre seo chor ar bith. Ní leigeann siad uatha ach strioncáiníní roighne (: streancáiníní) / Tá an bhó seo imighthe amach nó mara bhfuil níl aon-deor bhainne ag teacht thrí na dalláin. Maran dodaighil atá uirre. Má's eadh féin is minic minic léithe / Chonnaic mise bó thiar annseo ag N. Mh. Bhí an úgh calctha aice. Chinn orra aon-deor bhainne a fháil uaithe th'éis a ndichill. Bhí fear beag ag obair annseo thoir ag C. — níl a fhios agam beirthe ná beo cérbh as é. Tháinig sé ag breathnú ar an mbó agus í cínnte ar C. agus ar 'chuile dhuine. Fuair sé ruainnín de'n "wire" beag sin a d'fheicfeá ar scluig na mbuidéil "lemonade". Dhírigh sé amach é nó go raibh sé cho díreach le dorugha. Sháith sé suas is 'chaon dollán de'n úgh é indiaidh a chéile. Dheamhan cor na car a rinne sé len a láimh ach é a sháthadh leis suas. B'iongantas an chaoi a raibh sé indon é a dhéanamh ach níorbh é a chéaduair é. Bhuel tháinig an bainne, gan bleaghan ar bith. Tháinig sé mar a bheadh Dia dhá rádh leis. Bhí bleaghánach dhó (: dhe) ar an talamh shul'ár féadadh soitheach a fháil. Is diabhaltaí stuama a bhíos daoine thar a chéile / Bhí bó annsin thoir ar an aonach agus nuair a chuaidh siad dhá bleaghán bhí an úgh cho rithte len a bhfaca tú ariamh. Ach deoir féin ní raibh sí a thál in a dhiaidh sin. Chuaidh 'chuile dhuine di ach ba aon-mhaith amháin é. Tháinig an fear seo — ceannachthóir a bhí ann — agus chuaidh sé féin ag méirínteacht léithe. Chuir sé soipín tuighe isteach ins na dalláin aice, mar dhóigh dhe go raibh siad tachttha … ach dheamhan tachtadh ná cuid de thachtadh. Ní ar na dalláin ná ar a cuid sineadhachaí a bhí an "demur" (: marach, locht) chor ar bith. Fear sáthach símplí — bádóir as Conamara — a casadh timcheall ann ins an deire agus é ar a ghlas-mheisce. Ní thiubharfá deich triuf air len a fheiceál. Sáthach adhartha a bhí sé ag imeacht. D'fhiafruigh sé céard a bhí orra, agus h-innsigheadh dó. Bhí an ceannóchthair an uair

seo in éadan na ndalláin aice. "Leig do na dalláin" adeir an bádóir. "Tá na dalláin cho "freeáilte" agus a bhíos mo pholláirí-sa, agus an bád ag tabhairt leath-bhord ins an ngaoith thar an gCeann lá flichshneachta. Ach innseochaidh mise dhaoib céard a dhéanfas sibh. Stopainn an bhainne atá ar an mbó. Má tá bairille ann agus a lán uisce, árduigidh suas é ar áit árd eicínt. Tugaighidh an bhó len a ais. Coinnigidh annsin í. Scárdaigidh anuas an t-uisce as an mbairille de réir a chéile. Mara ndéan-aidh an bairille sin, líonaigidh bairille eile, agus déanaigidh an cleas céadna. Nach mairg gan galún taosca an bháid agam, agus is gearr a bheinnse dhá cur ag tál. Tugadh isteach i "ngárd" Sh. í. Tá a fhios agad an bairille árd siúd a raibh an "teaip" air a bhí thiar le balla. Thiomáil siad an bhó suas len a thaobh, agus chuir siad an "teaip" ag rith. Leigeadh cho maith le trí bhuicéad uisce as. Ná raibh ann nar thosuigh an bhó ag tál an bhainne cho briosc agus dhá mbadh as béal gloine a bheadh sé ag teacht. B'éigin buicéad a chur fúithe de léim. "Anois" adeir an bádóir "ab iad na dalláin a bhí dúinte" agus "haway" leis isteach indorus cúil Bh. gur chuir cáthadh pórtair ar an smut aige féin. Cé a mb'fhearr é sin ná do "wireen"-sa ar ball? /

"Bhí dallarán an mhadadh alla in a bhéal agus é dhá dhiúl" (as sean-scéal — ó Sheán O Bheáin — Páirc Gharbh Baile an Chláir).

Díocas — ainm-fhocal; fireann; níl aon-iolraidh aige.

díocas — díogras; dúthracht; dubh-fhonn; dúthruach oibre, ban, agus rl.; rachmall; dúil chráidhte chuig rud; an-spleodar críochnuighthe; goin; a beith an-líomhtha chuig rud; faobhar.

Tá díocas oibre air = an dubh-fhonn obair a dhéanamh; is beag nach mbeadh gearradh fiacal air in éadan na h-oibre / An nóiméad a dteigheann sé sin isteach ins an ngarrdha, teagann díocas air agus tabhair díocas air. Dheamhan a fhios agam in a dheidh sin nach mó a dhéanfadh fear nach mbeadh a leath-oiread díocais air — a ghlacfadh an saoghal go réidh. Is beag a bhíos de bharr an uathbháis go minic, agus an uair a bhíos obair féin déanta, is obair gan slacht í / Ná bac le díocas, ach siúd é a bhfuil an díocas air. Tá an cúl ó thuaidh ar fad spréidhte aige, th'éis a laghad achair agus ó a chuaidh sé ann / Tá díocas air chuig feamuinn, ach m'anam go bhfuil a donacht féin ins an bhfeamuinn. Pléidhfidh an caladh seo thíos leis é, feicfidh tú féin air. Má thagann carcair mhór di agus droch-uair, dar an leabhar ní mórán díocais a fhágfas seachtain di air / Bíonn díocas ar an aineoluidhe i gcomhnuí, go dteagaidh sé isteach ar an obair. Glacann sé é féin go réidh annsin, agus is fearrde é freisin é. Aindeoin a bhfuil de dhíocas air seo thíos, is suarach le rádh an fhoghail atá déanta aige le dhá lá. Diabhal mé dá mbadh gasúr a bheadh ann go mbeadh an oiread céadna déanta aige / Ach a mbeiridh sé siar ar an áit dheacair agus ar an dearg-laoch rachaidh mise faoi dhuit go mbainfidh sin an díocas dó (: de). Tá sé réidh go leor ag sleaghdóir carra mhóna a chur aníos in áit éascaidh ach is é an dearg-laoch agus "an fheoil chapaill" atá indan fear a chur ar a mhiotal. Chonnaic mise ins an bportach se'againn féin anuiridh é / Tá sé caillte le díocas go dteighidh sé ag spealadóireacht, ach dar príosta níl aon-ghaisce ar an spealadóireacht muis. Is obair chruadh go leor í / Díocas iascaigh atá air. Ní bheadh fíth na feáin air indé mara bhfágainn mo ghort agus a dhul amach in éindigh leis. Chuaidh, mar is le bheith in m'amadán dom é. Dheamhan an priocadh féin a d'eirigh linn. Bhí sé ag strócadh liom indiu freisin, ach thug mé do'n diabhal é. Tá sé réidh go leor aige-san nach bhfuil imní guirt ná sléibhe air, ach ní hé sin domsa / Bhí sé thuas agus ciseog fhataí in a mhiainis (: fiadnuis) agus díocas air ag ithe éisc. Má bhíonn aon-bhreac ó'n mBreatain anall gheobhaidh sé siúd é / Ní fhaca mé aon-díocas ariamh mar a bhí air ag cnádadh an phíopa. Cé'n brígh ach tá lorga an phíopa cho gearr. Is diabhluidhe dúlaidhe a bhí sé ann. Tá mé ag ceapadh go raibh sé thart d'fhuireasbhaidh gail / Ní bheadh a fhios agad cé aca

de'n bheirt — é féin nó a bhean — is mó díocas. Tá seisean go dona, ach sháruigh a bhean é / Tháinic díocas troda air. D'fheicfeá é ag fáscadh na ndornaí síos len a thaobh agus é dhá shníomh féin. Dhá bhfaghadh sé an té a dhéanfadh leis é bheadh bualadh ann ar chuma ar bith — agus b'fhéidir marbhú / Dhá mhéad díocas muise dhá bhfuil ar Tom ag ól, tá a sheacht n-oiread díocais ar an dearbhrathair eile i ndiaidh ban. Ní fhaca tú thiar annseo é oíche na bainse. Ní raibh bean ins an teach — pósta ná scaoilte — nach raibh fastuighthe aige. Bhí S. bíodhgtha ins an gcúinne 'bhfeicfeadh sé a gcuirfeadh sé aon-araoid ar a bhean fhéin. Dá gcuireadh ba truagh dhó / Tá an mhaidin ann fós, agus é idtús a dhíocais, ach foighid ort go maoluighidh an ghrian siar. Cuirfidh mé geall leat gur furasta cur aige trathnóna / Sin é an chaoi a bhfuil sé. Buaileann daol é laetheanta. Ní fhaca tú aon-fhear oibre go h-iomaí a chinnfeadh air. Ach cho luath agus a chuireas sé an méid sin díocais thairis ní fhanann maith ná maoin ann. Dheamhan agus móide buille maitheasa a dhéanfadh sé aríst go ceann coicíse. / A muise, bhí sé ag ól le díocas. Tabhair ól air / As díocas a bhris sé é. Bhí sé dhá fháscadh agus dhá shníomh ariamh ariamh, go ndearna sé dhá leith di. Níl a fhios ag an gcliobaire siúd céard é a spreacadh / Deirimse díocas leat. Shíl mé an uair a thug sé an chloch leis amach as an mballa go gcuirfeadh sé an teach dá lúdrachaí. 'Ar ndú is air nach mbeadh an mhairg sin fhéin a dhéanamh, dá mbuaileadh sé faoi / Tá díocas air le olc. Ar thug tú faoi deara ariamh an chaoi a mbíonn sé ag cangailt an uair nac dtaithnigheann rud leis. Díocas uilc a bhíos air an uair sin / Ba mhór an chontabhairt é. Ó d'eirigh an braon ins an gcoirricín chor ar bith aige, bhí díocas air go sáitheadh sé duine eicínt. Bhí mé féin ag iarraidh 'chuile dhroch-arm dá bhfaca mé — sceanna agus pící — a chrapadh as a bhealach, ach 'ar ndú' ba ghearr air siúd arm a fháil dá mbaintí amach ceart é. / Bhí fabhairt in a shúil le teann díocais a dhul in a h-éadan (: a dhul in éadan mná). Is uaidh a theastóchadh a bheith dhá "bhlastáil" nó nach bhfanfadh smeámh ann. Shílfeá go mbeadh cuíbheamhlacht eicínt ann i láthair na ndaoine agus eile / Tá an-díocas pósta ar an gceann siúd. Nach bhfeiceann tú ag imeacht ag cluanuidheacht í i gcomhnuí ins an áit a mbíonn fir. Má leagann tú láimh uirre, níl ann aice ach "leig amach mé", ach sin é an leigean-amach eile / Ní leigfeadh an díocas dó foighid a ghlacadh agus é a dhéanamh mar is ceart. Beidh déanamh

eile anois air, th'éis a bhfuil caithte leis cheana / Má chuireann sé a dhíocas ann déanfaidh sé é. Mara gcuiridh tá sé fánach aige / Tá sé oibrighthe ceart anois, agus tá an fear a fheiceas sé síos ar a aghaidh ag cur a dhá oiread díocais air. Marach é sin ní bheadh leath-uathbhás air chor ar bith / Tá díocas ithte orm. Níor ith mé aon-ghreim ó d'eirigh grian indiu agus is maith fada siar ar an spéir í anois /

Níl aon-fhéith ag gabhail leis nach bhfuil faoi dhíocas oibre / Níl aon-fhéith thuas ar a chorp nach gcuirfidh sé faoi dhíocas oibre nó go mbuailfidh sé amach an fear thoir. Níl ag dul idir é agus codladh na h-oíche ach an fear thoir. / Ní raibh aon-fhéith in a chorp nar chuir sé faoi dhíocas leis an gcloch a árdú ach chinn air gaoth a thabhairt di in a dheidh sin. Chinn an chloch siúd ar bhuachaillí maithe, thá mé ag rádh leat / Níl féith ná cnáimh ins an gcapall nach bhfuil faoi dhíocas aige ó mhaidin ag cur na gclocha siúd in aer. Má fhaghann sé cupla lá eile orra is gearr le dhul iad. Iarracht maith tarraingthe atá aige cheana féin orra. / Sin é an rud a thug giorrachan saoghail dó. Níl aon-lá dhár eirigh ar an bhfear sin nar chuir sé 'chuile féith in a chorp faoi dhíocas oibre, ba chuma ins an míádh céard a bheadh sé a dhéanamh. Mara mbeadh sé ach ag biorrú scoilb bhíodh an oiread sníomh agus útamáil aige agus dá mbadh ag iomradh báid mhóir a bheadh sé. An uair a thugas duine faisean faoi deara dhó féin is deacair leis scaradh leis / Cuirfidh mé geall leat má dhéanann tusa do sheacht míle dicheall agus má chuireann tú 'chuile chnámh ag gabhail leat faoi dhíocas, go gcinnfidh ort-sa a ghníomh-seisean a dhéanamh. Tá sé breagh go leor agad a bheith ag rádh nach hé an oiread sin móna a bhain sé, ach feiceamuist bain thusa ná aon-fhear in do thír an oiread. Thiubharfadh an méid sin cnámh le creinneadh do J. Gh. an lá ab fhearr a bhí sé, agus b'ait an sleaghdóir é / 'Bhfeiceann tú an scramaire mór de mhac sin thiar ag P. Th. Sh.? 'Bhfaca tú ariamh ag damhsa é. Deamhan thiomanta cnáimh in a chorp nach mbíonn faoi díocas. Tabhair faoi deara anois aríst é thú féin. Chaith mé oíche ar fad ag breathnú air. Ní fhéadfainn mo shúil a thógáil dó / M'anam muise go bhfuair tú amach an fear a mbeadh 'chuile fhéith ag gabhail leis faoi dhíocas ag obair! Bheadh mo chreach! Ní lúbfadh sé a dhruim dá mbeadh na seacht sraith ar an iomaire / Ní raibh féith in a cholainn

nach raibh lúbtha amach faoi dhíocas siubhail. Deirimse leat go bhfuil sé siúd freisin in araidheacht bóthar a ghearradh an uair a thogróchas sé é. / M'anam muise gur furasta dhomsa ar leath-uinsín gágach tae ins an tseachtain 'chuile féith in mo chorp a chur faoi dhíocas ag obair. Ní h-eadh ach is mé is fearr ar bith agus a bheith indon aon-bhuille a dhéanamh ar an mbod siar eile sin (: coffee). Ní mó ná dhá bhfaghainn dalladh feola agus dalladh pórtair go mbeinn in dan fhoghail eicínt a dhéanamh. Maidir le go bhfuil cothú fear oibre ins an mbeatha atá ag imeacht anois — níl muise. Is ait atá na daoine ag cruthachtáil go bhféadann siad breith ar láighe ar bith léithe /

Bhain sé a dhíocas aisti = fear a rachadh ag cúirtéaracht le bean agus a sásóchadh an chúirtéaracht é, nó a fhearacht sin de rud. / Má castar liom in mo shiubhalta í, bainfidh mé mo dhíocas aiste, ach ní rachaidh mé dhá tóruigheacht — dheamhan é / Bhainfeadh 'chuile duine a gcasfadh sí leis a dhíocas aiste siúd. Gearrchaile laethamhail gan leithead gan onóir í, agus í agad ar sheol na braiche má's leat a dhul ag déanamh grínn ná siamsa / Níl cuíbheamhlacht ar bith ó Dhia anuas innte ach í annsiúd in a rúisc ag 'chuile fear len a dhíocas a bhaint aiste má's breagh leis é. Meas tusa nach gránna an chaoi de bhean ar bith a bheith mar sin. Measaim-se ar chaoi ar bith / Tabhair cead ceoil anois dó go mbainfidh sé a dhíocas as an melodeon. An uair a bhainfeas is umhal éascaidh a thiocfas sé linn abhaile. Ach mara bhfaghaidh sé cead ceoil ní thiocfaidh / Tá "bicycle" nua anois aige agus é ar bís ag fanacht leis le bliain. Ní fheicfidh tú aríst anois é go mbeidh a dhíocas bainte as an róthar sin aige. Dheamhan a mbeadh a fhios ag duine cé'n cheárd aniar ó na Sceirde a mbeadh sé sin. An uair a chorróchas sé siúd ó bhaile tiubharfaidh sé an rith fada air féin / Bainfidh sé a dhíocas as an talamh siúd dhá romhar agus dhá shaothrú anois. Is fada an lá a theastuigh rud eicínt uaidh a bhainfeadh an macnas as, ach tá sé aige faoi dheire / Ní thiocfaidh sé ag cuartuidheacht chor ar bith anois go ceann i bhfad ach ag cláradh na mná agus ag baint a dhíocais aisti. Is fearr dó ar an gceird sin ná ag spochadh le N. Mh. mar a bhí sé le deich

mbliana / Má cheannuigh siad "football" bainfidh siad a ndíocas aiste tamall, agus tiubharfaidh siad suaimhneas domsa. Bhí mé reicthe istigh ins an teach aca. Ní raibh a sheasamh agam mórán níos fuide. Marach gur chrap siad leo gheobhfaidís an tsráid amach. An raibh a athrú le déanamh agam leo? / Amach leo ins an iothlainn agus chonnaic siad coca féir ann a bhí ídighthe roint as a bhun. Thosuigh "set" aca ag teacht de rithte reathach faoi ar 'chaon taobh agus ag baint a ndíocais mar sin as an gcoca. B'fhearr ag baint a ndíocais as an gcoca iad ná as rud eicínt eile arsa tusa. Chuir siad druim ar ais é ins an deire. Tá mé ag ceapadh go raibh T. le buile agus le báine /

Díocasach — aidiacht as díocas agus an chiall céadna leis.

Tá sé an-díocasach chuig obair. / Tá sé díocasach go leor chuig feamainn agus má tá féin, is beag a eirigheas leis di. Dheamhan leath an chirt leis / 'Sé a bhí díocasach ag dul ag baint mhóna imbliana. An té a d'fheicfeadh ag dul suas é agus é feistighthe amach, déarfadh sé go ndéanfadh sé cat agus dá rioball. Ach dheamhan mogal a rinne sé ariamh, aindeoin gur chaith sé trí lá ann, ach tuairim agus trí fhad an tighe seo a scrathadh. Do Sh. Th. ab éigin an mhóin a bhaint / Shílfeá agus cho díocasach agus atá sé chuig iascach go bhfuigheadh sé deis. Níl dorugha, snúda, glionnda ná ní dhár dhealbh an ghrian aige ach igcleitheamhnas 'chuile dhuine eile, agus gur minic a chaitheas an fear sin fanacht istigh (: gan a dhul ag iasgach) an uair a bhíos a dheis imighthe amach aige-san / Dhá dhíocasaighe dhá bhfuil sé ag marbhú bradáin muis, is seacht ndíocasaighe dhá ól é. Ní túisce a bhéarfas sé ar a luach ná a fhágfas sé istigh tigh K. é. Sílim go leagann sé isteach ar fad ar aon-láimh amháin é agus an fhad agus a thiocfas sé teigheadh annsin / Dhá mbeadh sé sáthach díocasach chuig an scoil ní bhacfadh an méid sin é gan aire a thabhairt di. Is beag an luadh a bheadh ag clann M. fanacht uaithe / Ná h-abruigheadh fear ar bith liomsa go bhfuil sé sin díocasach ná scanruighthe chuig an saoghal mar níl. Fear ar bith a d'fhága a ghort annsin i lár a chruadhóige anuiridh gur bhuail sé soir ar chloisteáil dó go raibh "aeroplane" istigh ar Thráigh na Bh., ní fear sanntach é.

Damba — ainm-fhocal; fireann; iolraidh — dambaí

Damba = teampán, bacainn, balla, comhla nó stannadh a cuirfí treasna uisce, aibhne nó a leithide, leis an sruth a stopadh, a chasadh, a bhacadh nó a cheannsú ar chaoi eicínt; dam.

Tá damba ins an abhainn leis an uisce a stopadh / 'Séard a ghníos siad sin dambaí nó caraidheachaí a thógáil ins na srutháin agus bearna a fhágáil in a lár. An cochall a chur ins an mbearna sin annsin agus an sruthán a shaghdadh anuas. Ní bheadh breac ag gabhail leis nach dtiocfadh ins an gcochall / Chuir siad damba ar an abhainn sin thiar mar dhóigh dhe go gcuirfidís ag lasadh an S. le solus í. Níor chuala mé aon-cheo faoi'n solus ó shoin ach cloisim gur mór an leas do shaigheadóirí an damba. Ach arsa tusa ní theagann síon idtír nach fearrde duine eicínt. / Bhí S. Mh. N. ag rádh liom go bhfaca sé damba ar abhainn i Meriocá agus go mbadh h-aoirde a bharr ná speiricín na J. inGaillimh. An gcreidfeá-sa an scéal sin. Ní chreidfinnse ar chaoi ar bith. Sílim gur do mo dhalladh le bréaga a bhí an ceann céadna. Chonnaic sé rudaí i Meiriocá nach bhfaca duine ar bith agus a liachtaighe sin duine ins an tír a shiubhail cho fada leis i Meiriocá / Chonnaic mé na dambaí móra a rinneadh ar an tSionainn. Nach raibh mé dhá ndéanamh. InDomhnach bhíos. Chaith mé cheithre mhí ann. Tá dambaí áithbhéalta ann in aghaidh an uisce. Tá mé ag ceapadh go stopann siad na mílte tonna uisce … Casann siad an t-uisce isteach i sórt caológaí a chuir siad ar an abhainn, agus an uair a theigheas sé thríd na "turbines" oibrigheann sé an solus. Sin é a thugas solus do'n tír. / Ní comhla ar bith a theastuigheas thíos annsin ach damba a dhéanamh treasna béal na cuisle údan le taoille mhór a casadh soir. 'Sé an chaoi nar mhór é mar atá an lagpholl atá annsiúd thuas agamsa: stanadh a chur ann ar an gcaoi céadna. Ionntuigheann sé an brúisc uisce ar fad soir ins an lag-pholl. Maidir le do chuid comhlaí a chur thíos annsin, níl ann ach dícéille. Réabfadh an chéad taoille mhór a thiocfadh as a lúdrachaí iad /

dall dúda — ainm-fhocal; fireann; iolraidh — daill dhúda

Dall dúda — ní feasach mé cé'n t-údar atá leis an bhfocal. Ní baintear aon-leas ach ins an aon-leagan.

Tá sé in a dhall dúda le codladh = duine a bheadh ag tuitim in a chodladh críoch-nuighthe agus a mbeadh ag cinnt air fanacht in a dhúiseacht; duine a bheadh ag bordáil chodlata dhá bhuidheachas / Siar leat a chodladh as an mbealach agus ná bím ag breathnú annsin ort in do dhall dúda le codladh / Tá sé le dhá oíche anois ar neamh-chodladh — oíche ag céilidhe agus oíche ag aonach — agus is beag an dochar dó a bheith in a dhall dúda le codladh féin / Ní bhímse in mo dhall dúda críochnuighthe go dtí an oíche nach mbíonn tsiocair (: siocair) ar bith agam: b'fhéidir go gcodlóchainn go h-eadarshuth an mhaidin sin. / Ní raibh luighe ar bith aige leis an gcuartuidheacht anocht. Nach bhfaca tú go raibh sé in a dhall dúda ag an gcodladh. Bhí sé in áit eicínt aréir muise, th'éis gur shéan sé é. Ach bí siúráilte go raibh / Chaitheadh muid a dhul amach leis an réalt ar maidin ag baint fhataí ins an am a raibh muid ar aimsir tigh Sh. Diabhal smid bhréige ins an méid sin. Is minic a bhí muid amuigh agus nach (: nachar) léar duinn an láighe. Agus dhá mbeitheá ag déanamh áirneán domhain an oíche roimhe, nó amuigh ag ceol chaithfeá an mhaidin ag cuimilt sramaí de do shúile arae bheitheá in do dhall dúda le codladh. D'imigh an saoghal sin — míle buidheachas le Dia / An té atá in a dhall dúda le codladh, ní ag céilidhe atá aige a dhul — ní h-eadh sin. 'Sé a áit é go deimhin! / Ara beannacht Dé dhuit — a dhul ag cuartuidheacht an tráth seo d'oíche agus mé in mo dhall dúda le codladh. An bhfuil a fhios agad go raibh an oíche thar druim aréir 'nuair a chuaidh mise a chodladh … bó a bhfuil a h-aimsir caithte agus shílfeá go raibh an-chosamhlacht uirre in am-suipéir aréir. Bhí na grianáin "sleaiceáilte" (: slackáilte) aice, ach mar sin féin níor rug sí / Dá mbeitheá an fhad ar neamh-chodladh agus atá mise, bheitheá féin in do dhall-dúda freisin. Níl a fhios agam ó Fhlaithis Dé céard atá orm. Chuaidh mé ag an dochtúr agus thug sé cupla buidéal dom, ach bhí mé cho maith dhá bhfuireasbhaidh. Níor chaith mé an ceann deire a thug sé dhom chor ar bith. Sin é an chaoi a bhfuil mé. Buaileann codladh mé mar seo agus bím in mo dhall-dúda leis, ach ar an dá luath agus a dteighim ar an leabaidh, imigheann sé d'aon-iarraidh … Bím ag tuitim in mo chodladh agus airighim ualach eicínt i mbéal mo chléibh, agus mar a bheadh pléascadh eicínt in mo phiobán. Dúisighim suas de gheit. Uaidh sin

amach, tá mise réidh le codladh / Is aige atá a údar a bheith in a dhall dúda le codladh. Fear ar bith a bhíos in a shuidhe le giolcadh an éin 'chuile mhaidin. Ach marach gur muid féin a bhí ar cuairt ann aréir agus go raibh omós aige duitse, bheadh sé imighthe siar a chodladh i bhfad roimhe sin. Bíonn sé in a shráinn ag an h-ocht 'chuile oíche. Tá sé cho folláin leis an ngirrfiadh. Is cóir adubhairt an fear fadó:

Teirigh a chodladh leis an uan agus eirigh leis an éan
Coinnigh do cheann agus do chosa tirm
Seachain na mná agus an t-ól
agus go deo ná déan an t-ath-chodladh /

Má tá sé in a dhall dúda féin is beag an dochar dhó. Tionnabhar níor tháinig ar a shúil i gcaitheamh na h-oíche aréir ach ag amhlóireacht agus ag diúgaireacht. D'eirigh mé faoi dhó ag téitheamh bainne dhó, ach sin é a raibh de mhaith dhom ann. Ní dhéanfadh sé aon-suaimneas in a dheidh sin / Bíonn sé in a dhall dúda 'chuile oíche ag an naoi a chlog. Ach cé'n t-iongantas é. Marbhuigheann sé sin é féin le uathbhás oibre i gcaitheamh an lae. Is minic a thuiteas sé in a chodladh amuigh ins an ngarrdha th'éis a dhínnéir, agus codluigheann sé uair agus dhá uair go minic. Eirigheann sé annsin agus buaileann daol oibre é, agus shílfeá gurb é an Fathach Mór fadó é ag dul faoi mhuintir an Rí. Ní fheicfeá tada ach púir chréafóige ag dul go h-aer / Má tá tú in do dhall dúda anocht níl an milleán ag sroicheachtáil do dhuine ar bith ach duit féin. Rinne tú clogán -streille de'n oíche aréir ag imeacht ag fálróid síos annsin ar bhóithrí, an uair ba cheart duit trí eadarshuth a bheith codluighthe agad. Ach mo léan! Seo anois. Ith suas do bhéilí agus siar leat a chodladh, agus fainic a n-eireochadh an cleas sin duit aríst / Ara choinnigh muintir an Ch. sin thiar ar neamh-chodladh mé ar feadh na h-oíche aréir len a gcuid glaodhmaireacht'. Tá a shliocht orm: tá mé in mo dhall-dúda indiu. Airigheann siad na daoine go dona. Bhí lá de'n tsaoghal muis, agus ba bheag an ghlaodhmaireacht a bheadh aca ins na bólaí seo, ach airigheann siad a raibh ar foghnamh ann imighthe anois /

dia umhlach (dith-shúlach?) — ainm-fhocal. Níl a fhios agam céard is inscin ná is iolraidh dó, arae ní baintear aon-leas as ach ins an t-aon-leagan amháin [Fuaim — dia-shúl-ach. Tá comh-bhéim nó ionann agus é ar an dá shiolla tosuigh]

Diaúmhlach — ? duine ar bith; geinealach an bhéil bheo; mac na sceiche; mac an aoin bheo; gein.

Ní thiubharfadh sé deoir do dhiaumhlach ná dheamhan deoir = ní thiubharfadh sé striug uaidh d'aonduine faoi'n saoghal; níl sé cóir ná flaitheamhail faoin a chuid óil; is dearg-phéisteánach é faoin a chuid óil / Bhí tusa ag tnuthán le ól uaidh sin. Fuair tú amach é muis: fear nar thug deoir do dhiaumhlach ariamh / Bhí ól faoi agus thairis, agus má bhí féin bhí sé indon caitheamh a chur ann. Ní chomhnuigheadh sé ó mhaidin go faoithin ach ag ól ach diaumhlach ní bhfuigheadh an striug uaidh. Diabhal é muis. Ba ghearr ar a mhéadail féin é / Cuirfidh sé seo soir anois "pórtar" ar an smaois ag Jóín ó chuaidh sé ar chumaoin a chaitheamh chor ar bith leis … Go bhfoiridh Dia ar do cheann a mhic ó. Deirimse cumaoin leat. Tá tusa ag ceapadh go bhfuil sé ag tabhairt Jóín soir go dtí teach an ósta. Tá muis. Soir leat anois ag an tsáil aca go bhfeicidh tú a' dtiubharfaidh agus cuirfidh mé mo rogha geall leat go siubhailfidh sé féin isteach idteach an ósta agus go dtiubharfaidh sé cead an bhealaigh do Jóín, mara dteighidh sé isteach agus a cuid féin a seasamh. Bíodh a fhios agad anois go seasfadh sé istigh ar an dradaireacht sin leis in aghaidh an chúnntair, gan fiafruighe dó (: de) a raibh béal air. Sin é an cineál tuatacháin é féin. Ní bhfuigheadh diaúmhlach an deoir uaidh / Shlíocfadh sé sin anois thú, agus chothóchadh sé an tsáil agad i gcaitheamh an lae ar fad, ag súil go gcaithfeá pionnta aige, ach dheamhan diaúmhlach a gheobhfadh aon-phionnta uaidh féin. Is mór atá ar a cheird bíodh a fhios agad. Ach níl a fhios; ná ní bheidh a fhios go deo go gcaithfidh tú seal ag obair timcheall tighe ósta mar a bhí mise / Bhí P. Mhac C. a bhí annseo thiar agus níor shiubhail aon-fhear talamh ná féar ba tuataighe ná é le castáil dó as baile. Ní thiubharfadh sé pionta pórtair do dhiaumhlach. Ach ní raibh aon-fhear le fáil ba ghnaoidheamhla ná é ag baile. An té a thiocfadh isteach aige, ní thiubharfadh sé cead focal ná smid dó go gcuirfeadh sé gloine

fuisce air, agus ní stopfadh sé ach ar an gceird sin go maidin. Dhá dtuiteadh an t-ól ar dhuine, choinneochadh sé go maidin é, nó thiocfadh sé féin dá thiodlacan abhaile go bhfágadh sé istigh ar leic an teallaigh é. Is deacair a rádh nach ba (: nar) fear gnaoidheamhail in a dheidh sin é. [Nach ba: nacharbh. Déanann nar — nachar i gcaint an cheanntair seo go h-iondamhail] / An bhfeiceann tú T. Níor thug sé pionta pórt -air ná gloine fuisce do dhiaumhlach ariamh. Dhá gcastaí leat é i ngoireacht ar bith do theach ósta d'ionntóchadh sé a chúl leat nó bhreathnóchadh sé i dtaobh eicínt eile. Dar mo choinsias is minic a chonnaic mé dhá dhéanamh é. Ach ní raibh aon-fhear ins na seacht bpobail is mó a ghníodh bruighshléacht ná é an uair a bhíodh bainis ná rud ar bith aige féin. Phós sé ceathar inghean in imeacht ceathar nó cúig de bhlianta agus rinne sé an flaisc céadna leis an mbainis deire a rinne sé leis an gcéad bhainis. Ní raibh aon-fhear ins an teach nach raibh dállta ar meisce / Tabhair 'chuile shórt dó ach ná h-iarr tada air. Ní bhfuigheadh diaumhlach aon-cheo uaidh féin. Daoitheamhlacht de'n tsórt sin a bhain dó féin agus dá mhuintir roimhe. Ba a dhul in aghaidh dúthchais dóibh é, dá scaraidís le tada, ach 'chuile rud a bheith craptha isteach aca féin (: chuca) / Mise ag tnuthán go dtiubharfadh sé ceann de na faidhtíní dhom ó casadh mé in éindigh leis ins an gcurrach. Ní ghiorróchadh sé mórán é ceainnín gágach a chaitheamh agam agus dhá stropadh againn. Cé'n bhrigh ach mise is mó a mharbhuigh iad. Dá mbeadh sé taobh len a chuid féin ba mhaith feidheartha a bheadh sé ag teacht abhaile. Ach dheamhan a shúil a thairg sé dhom ná caint air. Ní thiubharfadh sé siúd faidhtín do dhiaumhlach. Is gearr le dhul ar a chraos féin iad. / Tá an chlann thíos ins an talamh aige le obair, agus th'éis a bhfuil siad a shaothrú dó in a dheidh sin, dheamhan pighinn airgead póca a thiubharfadh sé dóibh; ach iad ag súmaireacht tímcheall doirse chéilidhe 'chuile oíche Dhomhnaigh d'uireasb-aidh an oiread agus a d'íocfadh isteach iad. Tá airgead in a chocaí beaga aige siúd, ach cianóg ní thiubharfadh sé do dhiaúmhlach. Cuirfidh mise mo rogha geall má fhaghann an chlann choidhchin aon-leigean ar an saidhbhreas siúd go dtiubharfaidh siad fuadach dó / Diabhal diaúmhlach — ní áirmhighim thusa — a gheobhfadh ceann de na fags sin uaidh. 'Sé an dithreabhach is gortaighe é fútha a chonnaic mé ariamh /

Daor-bhasctha — aidiacht

daor-bhasctha = basctha go leor; sáthach basctha; go dona; gan a bheith ach réasúnta; a bheith sáthach buailte; gan tada le cois a bheith ag an rud; gan mórán gaisce a bheith ar an rud; gan mórán a bheith le reic ag an rud. [Tabhair faoi deara go mbíonn sé diúltach go h-iondamhail.]

Dheamhan an bhfuil daor-bhasctha chor ar bith de'n rud = tá an rud maith go leor; dheamhan an bhfuil caill ar bith ar an rud. / Deir siad nach bhfuil daor-bhasctha de Mh. chor ar bith indiu. Is iongantas sin. An té a d'fheicfeadh trathnóna indé é, déarfad sé nach sáróchadh sé an oíche, dá mbeadh Éire taobh leis. Ach 'ar ndú (: ndóigh) is goire cabhair Dé ná an dorus / Deir siad nach bhfuil an pataire beag sin ag T. Sh. daor-bhasctha chor ar bith ag an scoil. Tá a bhfuil in a "chlass" buailte amach aige. Dheamhan a fhios agam cé uaidh a dtug sé é muis, arae leithide an athar de dhallarán níor sheas istigh ariamh i scoil. Agamsa atá a fhios sin. Bhíodh an bheirt againn le h-ais a chéile, agus an uair nach ag gárthaighil a bhíodh sé, bhíodh sé ag diúgaireacht. Sílim nach (: nachar) thriomuigh a shúile ó'n lá a ndeachaidh sé isteach ins an scoil go dtí an lá ar fhága sé í. / Dar príosta níl daor-bhasctha dhó ag gabhail fhuinn. Dhá mbeadh sé súgach agus an t-amhrán a theacht leis, tá an-ghuth aige. Bhíodh na "Gaedhilgeoirí" sin ag iarraidh air a dhul go Baile Átha Cliath le amhrán a rádh ag an Oireachtas. Ach mo léan géar muis, fuair siad amach an ceann a thiocfadh go Baile Átha Cliath. Ní mó ná dá mbeadh an t-Oireachtas ag tigh Bh. agus luach cupla pionnta a bheith ag C. go mbogfadh sé aniar. Ní mó ná sin anois é / Tá muis agus daor-bhasctha go leor. Breathnuigh tusa ar an bpradhas a bhí ar bheithidhigh le linn an Chogaidh cheana. Dar ndóigh ní bheitheá in do sheasamh ar chlár an aonaigh an uair a bheidís fuadaighthe uait agus do leathchéad punt istigh i gcúl do ghlaice. Deirimse leatsa go bhfuil saothrú ar do leathchéad ar na h-aontaigh atá anois ann. Bhí siad a thrí oiread an cogadh cheana. Agus deir tusa in a dheidh sin nach bhfuil daorbhasctha dóibh. Mo chreach mhaidne do cheann / Ní raibh sé daor-bhasctha as tús a óige. Minic

go maith a d'fheicfeá ag imeacht ar a bhog-mheisce é agus glaodhmair-
eacht an tsaoghail mhóir aige. Ach ó buaileadh an tsuaróigín
siúd air leig sé faoi, agus rinne sé fear críonna. Cé a d'fheicfeadh
anois ag teacht súgach d'aonach ná de mhargadh é. Siúd í an
cailín aige! / Aindeoin a bhfuil de chlamhsán ag na daoine ní
saoghal daor-bhasctha é an saoghal seo. Tá cearc an áil (: fear
na cloinne) ag fáil an oiread seo leath-chorónacha; tá giolla
na leisce ag fáil "trifle" (: beagán); tá an caracháinín de ghasúr
a fheiceas tú ag imeacht agus a "bheaig" (: bag) aige faoin a ascaill
ag saothrú a chion féin (: dhá phunt na Gaedhilge); agus annsin
'ar ndú (: dar ndóigh) tá "pensions" thar a chéile ann. Má mharbhuigheann
tú sionnach ar an saoghal seo gheobhaidh tú cineál eicínt pinsean,
agus dar príosta is fhearr an aghaidh ort é ná ar chuid mhaith atá
dhá fháil, mar hébrí céard a dhéanfas tada, bhí sionnaigh a
chuir in aer ar chaoi ar bith. Mo laichín imighthe ó indé … ní
saoghal daor-bhasctha é chor ar bith / "Tá P. thar cionn" adeir sí. "Tá
M. go maith, agus dheamhan a bhfuil daor-bhasctha de N." Má's fíor di
féin é níl call coláiste ar bith dóibh. Mhúinfidís a bhfuil is na
colaistí cheana / Níl T. daor-bhasctha chor ar bith marach go
mbuaileann an oiread fonn cainte é scaithtí, agus nach gcuimhnigh-
eann sé a dhul ag a ghna (: gno) chor ar bith. Deamhan
mórán gaisce ar an mac eile. Bheadh sé mí ingarrdha agus ní fheicfeá
creachlaois ar bith i ndiaidh a láimhe. Bhí sé ag gort-ghlanadh annsin
thuas anuiridh agus níl a fhios ag Dia ná duine ar chríochnuigh sé an
garrdha ariamh nó ar ghlan sé thar dhá iomaire thiar le
bóthar. Glanadh nó ná glanadh níorbh fhearrde an gort é ar aon-
chor. Loic a raibh ann / Má's leatsa fear a fháil nach bhfuil
daor-bhasctha in a churrachóir, gabh siar annsin thiar i S. agus
fágh T. Th. Sin é an currachóir agad. Chonnaic mé ag seasamh
amuigh ar an meath mhóir ar fhaidhtíní é, lá a raibh
scoilb dhá gcur idtighthe istigh annseo: lá a raibh sé ag séideadh
aniar aduaidh. Tabhair lá deannachtach air. Níor chorruigh sé
go trathnóna. Dheamhan an trólar a dhéanfadh na fairrgí a bhí ann
a bharruidheacht — dheamhan é muis /

Dionnóid (: deannóid) — [Donóid amannta i gCois Fhairrge] — ainm-fhocal; buineann; iolraidh — dionnóidí — dionnóideacha.

Dionnóid — (i) oiread na frighde; fíor-thoirt bheag; dubh na h-iongan; an beagán. (ii) Flaim nó fuarú nó beodhchan beag gaoithe.

Tabh'r 'om (: tabhair dhom) dionnóid bheag de'n tsnaoisín sin le cur faoi mo shrón. B'fhéidir go gcoinneochadh sé tirm í / Tá dionnóid bheag shalachair ar do shaicéad taobh thiar. Coinn' leith (: Coinnigh i leith) go nglanaidh mé é / Thuit dionnóidín shúighe ar an bpáipéar cho uain agus a bhí sé dhá léigheamh agus dhá bhfeictheá é ag breathnú air! Chuir sé séideog faoi annsin, ach dheamhan maith a bhí ann. Tharraing sé amach lann safety annsin — ceann a bhí síos an-domhain in a phóca — agus seó (: show?) páipéir timcheall uirre. Dhá bhfeictheá cho deas agus a chuir sé corr na lainne faoi'n dionnóidín shúighe agus chuaidh sé amach annsin gur chuimil sé ar an gclaidhe í. Tá sé cho puinteailte le cat a bheadh dhá bhearradh féin. Cuireann salachar ar bith uais air / Má fheiceann sí dionnóid shalachair ar fud an tighe — ar bhord, ar stól ná ar shoitheach — tá a "rubar" aice ar an bpuinte agus í ag sciúradh. Ní bean ghlan go dtí í. Tá sé de bheith uirre aon-cheo salachair dá bhfeicidh sí in áit ar bith a ghlanadh ar an bpuinte. / Uair a bhí mé ag déanamh láthair mhuirtéil annseo, thuit mo phíopa uaim agus chrom mé síos dhá thógáil agus hébrí (: pé'r bith) cé'n sórt útamáil a bhí orm chuaidh dionnóidín bheag de'n aol faoi mo shúil agus scál sé mé. Tabhair scaladh air. Shíl mé dheamhan oscailt a dhéanfainn go bráth uirre. M'anam go mb'éigin dom a dhul ag an dochtúr. Agus i gcaitheamh seachtaine indiaidh an dochtúra féin ní fheicinn an bhán-shoillse léithe / Má bhíonn dionnóid ar bith ar na h-éadaigh bíonn an "brush" aige ar an toirt agus é dhá chuimilt féin léithe. Tá sé an-phuinteáilte faoi'n a chuid éadaigh. Ní maith leis thú a dhul in a ngoire féin / Dhá bhfeictheá an "collar" a bhí air agus cho geal agus a bhí sé. Agus bhí dionnóid de rud eicínt dubh mar a bheadh dubhach ann, nó rud eicínt mar sin i bhfus annsin air. Thiubharfá faoi deara é míle ó láthair / Tae mo chreach! Fuair mé dionnóidín bheag a thiocfadh faoi shúil dreoilín. Marach leisce a fhágáil

a fhágail aca agus fios agam go mbainfí a sheacht luach de dhuine eicínt eile air, d'fhágfainn in mo dhiaidh ar fad é. Ach ní thiubhar -fainn an oiread dá gcroidhe dóibh agus go mbeadh sé de shásamh aca orm — na cneamhairí bradacha! / Ní raibh dionnóid ghaoithe ann ach é in a théigle críochnuighthe. Shíl mé nach srianfadh muid anoir go deo é. Ach ó chas muid an Ceann d'eirigh beodhchan beag agus níor airigh muid abhaile é / Ara cé'n sórt cáthadh sin ort. An bhfeiceann tú an lá — gan donóid (: dionnóid) ann. Dheamhan an oiread agus a chorróchadh ribe ar do cheann. Agus is mian leatsa a dhul ag cáthadh in a dheidh sin. Cáith leat má's breagh leat 'bhfeicidh tú cá'id a bhainfeas tú amach / Badh é an lá ba bhreaghcha é a scal as aer ariamh. Tháinig sé in a chalm orra leath-cuain. Shíl muid gur thosuigh dionnóid bheag annsin, ach ní thiubharfá faoi deara ar an seol í. An chéad rud eile a dhearbhráthair mo chroidhe thú, chruthuigh an cuaifeach agus bhí an bád mar a bheadh caora a mbeadh an galra cam uirre. 'Sé Dia féin a bhí buidheach duinn an lá sin, nar cuireadh go tóin puill muid. Tá mé taithighthe ar an bhfairrge ó cuireadh bannlá de chóta orm, ach macsamhail na cuaifighe sin ní fhacaidh mé ariamh agus nar leigidh Dia go bhfeicfinn go bráth ach oiread. Níor fhan dionnóid ann ar an toirt aríst ach shílfeá gur istigh i bhfuirnís a bhí muid, bhí sé cho bruithte sin. Tabhair do leabhar go dtug muide rith cladaigh di cho tréan in Éirinn agus a bhí muid indan / Coirce ar bith atá ar sraith tá sé réidh le triomach indiu. Rinne an tuile aoileach dhó (: dhe) aréir agus níl an dionnóid féin ann indiu le dhul thríd. Shílfeá go mbíonn scláradh gréine ann scaithtí ach is gearr a sheasas sé. Pé aca sin é, níl triomach ar bith ann / Scaoil amach mé go bhfaghaidh mé dionnóid anála. Tá mé plúchta istigh ins an teach sin, len a bhfuil de dhaoine ann. Diabhal mé go bhfuil an t-allus ag scárdadh díom, go bhfuil sin / Oscail suas an dorus agus leig isteach dionnóidín ghaoithe. Is mór an fionnórtas ar na daoine í. Tá an oíche an-mheirbh … 'Bhfeiceann tú P. seo thuas nach dteagann aon-dionnóid in a ghoire ó bhliain go bliain ach an dá dhorus agus a bhfuil d'fhuinneoga ins an teach dúinte aige. Is mór an seasamh aige é /

Deannach — ainm-fhocal; fireann

Deannach = Dusta, go h-áirid dusta éadtrom agus é an-tirm

Tá deannach ag eirghe indiu = lá samhraidh a mbeadh sinneán maith gaoithe ann agus gach uile rud in a shnaoisín. D'fheicfeá ceathanna deannaigh ag eirghe leis an ngaoith. / Ní fheicfeá tada ar an mbóthar feadh t'amhairc ach deannach. Bhí sé ag eirghe in a cheathann -aí an uair a thiocfadh mótar ar bith. Dhallfadh sé thú agus mhillfeadh sé do chuid éadaigh. Na bóithrí sin a gcomhnuigheann an t-uisce orra agus a bhíos faoi dhraoib ar feadh an gheimhridh bíonn siad faoi dheannach mar sin i gcaitheamh an tsamhraidh. Níl na bóithrí "steamrolláilte" mar sin chor ar bith mara mbeidh bualadh mór orra go díreach / Chonnaic mé an chioth dheannaigh uaim agus shíl mé gur mótar a bhí ag teacht. B'fhada liom faoi dheire go raibh sé ag teacht. An uair a tharraing mé air, meastú céard a bhí ann. Plód beithidheach : cho maith le céad aca agus triúr fear dhá dtiomáint. Is orra a bhí an t-ordú freisin / Tháinig siota agus bhailigh sí léithe a raibh de dheannach agus de bhilleogaí agus de pháipéir ar na portaigh. B'aisteach an casán a thóig sí: aniar tharainne, soir ar chuid Sh., síos ó dheas go dtí P. Mh., siar aríst ar roinn J., agus soir ó thuaidh annsin ar chuid Bh., agus ar roinn J. F., gur bhailigh sí amach ó thuaidh as ar n-amharc. An uair a chuaidh sí cho fada le J. d'fhuagair muid féin air — ní fheicfeá é len a raibh de dheannach ann — an sleaghan nua a fhágáil in a dhiaidh. "B'fhéidir" adeir sé go dteastóchadh sé uaim. Nach ndeir siad go bhfuil múin (: móin) ins an mbruidhinn fhéin". B'uathbhás é an siota siúd / Tuilleadh diabhail aice anois muis mara bhfuil deannach ag eirghe de'n spré-mhóin indiu. Ní bheidh na sreanganna féin fágtha i bportac móin bhán Mh. Fuadóchaidh na sinneáin seo léithe uiliog í idir chorp chleite agus sciathán / Go dtugaidh Dia dhó cioth bheag lághach a chaitheamh. Choinneochadh sí síos an deannach ar na bóithrí. Dheamhan t'anáil a tharraingeochthá aige / Tá míle mótar ag teacht agus a bhfeicim de dheannach ag eirghe ar Á. I. Sh. Ní h-eadh ach tá sé in aon-phúir amháin deannaigh ó'n gC. aniar / Cuirfidh mise deannach

ag eirghe de'n túin (: tóin) agad mara n-eirighidh tú as do chuid míoladóireacht'. Tá sé in am agad ciall a bheith agad feasta choidhchin agus gan a bheith ar an gceird sin. Nach thú an páiste! / Ná raibh Dia ag asail muise mara raibh sé ag baint deann-aigh as ceathramhnaí an asail soir le fánaidh. Feac láighe a bhí aige agus níl aon-iarraidh dhá raibh sé a thabhairt ar na h-easnachaí dhó nach gcloisfeá go mín réidh socair thiar ag tigh Mh. "Tiubharfaidh mé ag an bpóilí tú" adeireadh sé, agus díocas air leis an bhfeac / Chuala mé gur bhain an fear seo thuas deannach as na másaí ag an inghin faoi fhanacht amuigh ins an oiche Dé Domhnaigh. Bhí sé roímpe ag giall an doruis chuala mé, le "beilt", agus bhí 'chaon iarraidh aige uirre aniar ins an gcadairne léithe, ar feadh uaire in a dhiaidh sin. D'fhan muintir bharr an bhaile ag éisteacht leo ar feadh i bhfad. Ní raibh tada le cloisteáil uaidh ach "Do gcuirfidh mise faoi ndeara dhuit". (Do — aithris ar fhear nach raibh indan a chuid g a rádh; do = go) / Deannach muilinn: sin é an deannach a bhíos ó'n muileann agus é ag meilt. Tuige nach mbeadh. Is aige atá a údar agus a mbíonn d'arbhar ann / Meilfidh mé thú go mbeidh tú in do dheannach muilinn. Sin é a dhéanfas mé leat. Ní bheidh sé tada níos lugha agad má ghníonn tú mórán eile sioctha liom / Mheil an learaí (: lorry) in aghaidh an bhalla é go raibh sé in a mhin. Rinne sé deannach muilinn dó (: dhe). Ní raibh cnáimh in a chorp indiaidh a chéile. Deirim leat nach raibh. / Ní fhágfainn mionmulthóg dó gan strachailt ó'n a chéile. Dhéanfainn deannach muilinn dó (de). Dhéanfainn cac-leicín dó (: de) / Scaoil bealach leis agus ná bím ag breathnú annsin air, nó má bhuaileann taghd eile mé déanfaidh mé deannach muilinn dó. Ní choinneochadh arm uaidh mé — ní choinneochadh sin / Tá deannach ag eirghe as éadan. Chaithfeadh sé gur triomach atá air — neart triomaigh / Bainfidh mé deannach as an gcúl sin agad mara leigidh tú de'n mhadadh sin, agus gan a bheith ag siocadh leis. Nach diabhaltaí mór an t-iongnadh nach ndéanfá suaimneas uair eicínt agus gan a bheith ar an ámhailleacht chéadna i gcomhnuí /

deannachtach — aidiacht.

deannachtach: "mór"; gártha; cuaifeachaí agus sinneáin ann; scréachánta; gairbhshion ann; ráigeanna báistighe agus an-tsinneáin ghaoithe igcuideacht; stolladh mór gaoithe.

Lá deannachtach é / Oíche dheannachtach / Uair dheannachtach í / Tá sé deannachtach na laetheantaí seo / Seachtain dheannachtach ar fad a bhí innte — diabhal bréag nach h-eadh / An gcloiseann tú an sinneán sin. Is gearr uaidh ráig anois, dar príosta is oíche dheannachtach í. Tá an t-ádh in mo chaipín nach amuigh fúithe atá mé. Fhobair dhom a bheith scuabtha siar. Dá mbeinn badh leis an áit thiar anocht mé / Is deannachtach go deo an oíche í anois. Shílfeá go bhfuil scaltrachaí feoithin ann freisin. Is suarach an t-iongnadh agus cho gártha agus atá sí. / Chaith sé múr deannachtach aréir th'éis a dhul a chodladh dúinn : múr clocha sneachta. D'airigh mé ag clascairt ar na fuinneogaí iad. Diabhal a leithide de thormán! / Ba lá deannachtach é: flichshneachta as gaoth anoir agus sinneán ann a bhearrfadh thú. Shíl mé nach ndéanfainn aniar go bráth é. B'éigin dom a bhunáite a shiubhal. Dheamhan Goll Mac Móirne a chuirfeadh "bicycle" aniar in a h-aghaidh. Is mó an bhrath a bhí agam é a chaitheamh isteach tigh Ph. agus a theacht aniar dhá fhuireasbhaidh / Lá de na laetheanta deannachtacha sin idtús an Aibreáin a bhí ann: laethantaí na sean-bhó. Bhí mé ag fódú súileog fhataí i ngarrdha Mh. G. Ar éigin saoghail a bhí mé indon seasamh ar an iomaire idir dhá ráig. Shanntuigh mé míle uair a dhul abhaile, ach déarfainn liom féin aríst an uair a d'fheicfinn fáfall beag triomaigh aige go mbaininn scathamh eile amach. Tháinig P. anuas an bóithrín agus chuir sé carra chainte orm. "Cá'il tú ag dul" adeirim féin. "Síos ar snámh" adeir sé. Shíl mé féin gur ag déanamh grinn a bhí sé, gur chuala mé aríst ag dream a bhí síos ag an gcladach narbh eadh. Ní raibh sé seachtain ó'n lá sin go raibh sé i mBéal Átha na Sluaighthe (: ins an ngealtlann) / Níl aimsir dá dheannachtaighe nach dteigheann currachthóirí na T. B. sin 'un fairrge. Tá siad in araidheacht é a bharruidheacht ar ghála ar bith. An lá nach dtiocfá síos 'na (:chun an) chladaigh tada leis, bheidís

amuigh an lá sin. 'Ar ndú níl currachtóirí ar bith in-chinneamhaint orra / Bíonn laetheanta na sean-bhó i gcomhnuí an-deannachtach. Is dóigh gurb í an aimsir is measa a thugas sé uaidh ins an mbliain iad. Agus dheamhan uair ins an mbliain ach oiread is mó cruadhóige ná iad. 'Sé lár an Earraigh ceart é agus níl goir ar bith ag duine giota de lá a leigean thairis, mar leigfeadh sé ins an samhradh nó ins an ngeimhreadh. / Níl múr ar bith is deannachtaighe ná an múirín gréine 'ar ndú. "An múirín gréine an múirín is déine" adeir siad. Caitheann sé an bháisteach an-leathtromach amach ins an samhradh. Bheadh ráig dheannachtach annseo, agus dheamhan agus móide deoir ar bith b'fhéidir a bheadh thiar ar an gC. Bhí mé ag teacht anuas le fánaidh Cnoc Bh. lá. Tháinig sé in a bháistigh orm. Tabhair báisteach uirre: ní leigfeadh sí luch as poll na diabhal as Ifreann. Chuaidh mé ag tóruigh -eacht fascadh. Mo chreach an fascadh annsiúd. Ach mar sin féin shugh mé mé féin isteach in áit eicínt go leiginn tharm é. Bhí mé ag breathnú síos ar mhuintir Bh. ag obair ar na portaigh inG. na B. Leathnuigh m'amharc orm. An uair ba déine a bhí sé ag cur ins an áit a raibh mise, bhí siadsan ag obair thíos ar na portaigh. Dheamhan an sileadh a chaith sé ann ach in a scaladh gréine, th'éis gur gearr ó'n a chéile an dá áit. Ní fhaca mé ariamh in mo shaoghal sílim báisteach tí (: ní) ba deannachtaighe ná a chonnaic mé an lá sin / Ní chaitheann sé snig bháistighe amach ins na réigiúin sin ó bhliain go bliain ach an uair a dhéanas sé í, déanann sé go deannachtach í. Chuala mé mac Ph. Sh. a bhí in Ástraoille ag rádh go bhfuil áiteacha annsin nar facthas aon-deoir bháistighe ariamh. Tagann daoine ar an saoghal agus faghann siad bás — agus b'fhéidir saoghal maith féin a fháil — gan aon-mhúr báistighe a fheiceál. Is aisteach an chaoi a bhfuil cuid de na tíorthachaí bíodh a fhios agad / Thug sé griosáil dheannachtach dhó agus ba mhaith an aghaidh air é freisin — ba mhaith sin / Má theigheann sé do do bhualadh tiubharfaidh sé liúradh deannachtach duit agus ní mór liomsa duit. Breagh nach leigeann tú de do chuid spochadh leis. Ní bheitheá beo gan a bheith ag spochadh le duine eicínt / Thug sé lascadh deannachtach dom leis an gcána. Cé'n bhrigh ach ní mé a rinne chor ar bith é ach M. Ch., ach ormsa a h-ídigheadh é /

Dubhradán: ainm-fhocal; fireann; iolraidh — dubhradáin

Dubhradán = (i) cnapán, ualach, meall, neascóid; (ii) rud beag dona; rud fánach éidtreorach; rud gan mórán bisigh faoi; rud nach fiú trácht air. (iii) rud beag fearacht dionnóid shalachair a theigheas faoi an tsúil, nó a d'fheicfeá ingloine phoitín nó a leithide.

Chuir sé an dubhradán dubh a bhí ar thóin a phutóige amach len a ndearna sé de gháiridhe. Bhí sé leigheasta annsin = Ridire an Gháire Dhuibh a raibh sé de bheith air aon-gháire a dhéanamh, ingeall agus go dteagadh girrfhiadh, agus go gcrochadh sí léithe a chuid beatha igcomhnuí an uair a shuidheadh sé in a mhiainis (: fhiadnuis) ag an mbord. An uair a marbhuigheadh an girrfhiadh chuir sé an t-ualach bróin agus lionnduibh aníos ó fhior-íochtar a chroidhe agus shlánuigh an gáire é (cf. Céadtach Mhac Fhinn Rí Éireann; Ridire an Gháire Dhuibh) / Chuir an Ridire (: Ridire an Gháire Dhuibh) an dubhradán dubh a bhí ar íochtar a phutóige le seacht mbliana aníos, agus rinne sé gáire an uair sin, a cloiseadh ins an Domhan Thoir / An uair a chonnaic sí an rud a thug an ceannuidhe len ithe do'n dochtúr eile tháinig falrach gáire uirre agus chuir sí aníos an dubhradán dubh a bhí ar íochtar a putóige. "Sin é do mhaith anois" adeir an ceannuidhe. "Tá tú leigheasta. Is liom thú ó t'athair" = bean a raibh ualach lionnduibh uirre agus leigheas ceannuidhe mála í / Tháinig múisc orm agus shíl mé go gcuirfinn aníos an dubhradán dubh d'íochtar mo phutóige. Is olc é an braon broghach ag duine. Ach beidh a shliocht air. Is fada aríst go ndrannaidh cuid againn leis — diabhal bréag nach fada / Tháinig urlacan air ab eadh! Chuir sé aníos an dubhradán dubh d'á phutóig. Níl acmhuinn aige deoir ar bith a ól nach mbíonn sé ar an gcaoi chéadna — níl sin / Níor tháinig an fheoil leis. Bhuail tonn-taoscach é agus shíl mé go gcuirfeadh sé aníos an dubhradán dubh d'á phutóig. Dheamhan ceo a d'fhan in a bholg — ná cuid de cheo — i gcead an chomhluadair / Diabhal neart ag an duine bocht air. Mar sin atá sé i gcomhnuí, ach blaiseadh d'aon-deoir óil. Ní fhanfaidh a dhath ar a ghoile ar an bpuínte. An dubhradán dubh atá in a bholg, cuireann sé aníos é. Ach is deacair a chomhairleachan in a dheidh (: dhiaidh) sin. Ní beo é gan a dhul in a ghoire agus a dhul ag blaismínteacht dó / Ara bail ó Dhia ort — leathcuain! Ní raibh na cnuic

bheaga sin thuas fhaoi againn, an uair a bhuail sé fré chéile iad:
Mór-ghalra. D'fhéadfá mór-ghalra a thabhairt air. Bhuel, tá bean ruadh
annsin thiar tigh N. agus shíl mé go gcuirfeadh sí an dubhradán
dubh aníos leis an mbail a bhí uirre. Bhí sí leigthe amach ar bhord an
bháid, agus ní raibh faitchíos ar bith orm agus an lúbarnaighil a bhí uirre
ach go dtiocfadh sí i bhfairrge. Mara mbíonn duine déanta ar an
bhfairrge sin é a cheird i gcomhnuí / Deiseall! An ndeacha sé le t'an-
áil. Déan réidhteach leat féin nó cuirfidh tú aníos an dubhradán dubh
as do phutóig / Chuir sé an dubhradán dubh a bhí ar thóin a phutóige
amach le teann fórsa oibre = chuir sé a sceadamán nó a lúth amach
le díocas oibre / Cuirfidh sé an dubhradán dubh atá ar iochtar a
phutóige amach ag iarraidh a dhéanta / Dá gcuireadh sé an dubhradán
dubh ar a phutóig amach, chinnfeadh air aon-ghaoth a thabhairt do'n chloich.
M'anam muise go bhfaca mise Peaits B. ag árdú na cloiche sin
cheana agus dhá leagan suas ar an gclaidhe, agus nach bhfuil colainn leath
cho téagarach aige agus atá aige-san. Ach deir siad gur minic cnámha
móra ag droch-mhadadh / Dhá gcuireadh sé an dubhradán dubh
aníos dhá phutóig, dheamhan fód a choinneochadh sé casta do Sh.,
léis (: tar éis) a raibh de ghaisce aige. D'athruigh siad annsin
— eisean ar an gclaise agus S. ag casadh an bhuird — ach rinne
S. puca dhó (: de) arís. Bhí maith dhó a bheith ag coimhlint leis
siúd! / Ní raibh maith ná maoin leis ag obair. Bhí muid thiar annsin
thiar ar bhóthar Sh. Chuaidh mé faoi bharra leis. Luchtuigh siad an
barra duinn beagán thar an gceart, má's leis-sean a fhéachaint
é, nó nar thug siad faoi deara é agus iad dhá líonadh. Chuaidh mé
féin in a ceann agus eisean ingabhal an bharra. Dheamhan a corruighe
de'n talamh a dhéanfadh sé, dhá gcuireadh sé an dubhradán dubh
a bhí ar a phutóig amach léithe. 'Ar ndú, b'fhéidir go mbadh bheag
da chuid rístidheacht' é ach an oiread le scéal / Rug sé féin agus
bruachán beag de scurach a bhí ann isteach ar a chéile: bruachán
beag dona nach dtiubharfá deich triuf air. Chuir sé an dubhradán
dubh amach ag iarraidh an bruacháinín a chur in aer, ach mo chreach
mhaidne! Dá mbeadh sé leis ó shoin, dheamhan talamh a thiubharfadh sé
dhó. Thiubharfadh muis! Ní raibh cruadhas ar bith ann, ach é in aon-

gheoisteamán amháin! / Shíl mé go gcuirfeadh sé an dubhradán dubh a bhí ar íochtar a bhuilg amach ag iarraidh an leath-bhairille a chur suas. Bhí sé indon a chur treasna a ghlúine, ach ionga ná orlach thairis sin ní chuirfeadh sé é dá mbeadh Éire taobh leis. Rug S. M. Mh. air, agus chaith sé isteach thar an mbosca é gan tolgán ar bith a fháil ann. "Déan maith de do ghealladh anois" adeir S. "agus gludh (: glaoidh) an leath-ghalún pórtair." Ghludh a mh'anam /

Tá sé in a dhubhradán = duine nó beithidheach beag dona éidtreorach / Is dona an dubhradán d'fhear é in a aois. Nach bhfuil bliain aige ar Phádraic se'againne, agus níl goir ná gaobhar aige a bheith cho mór ná cho téagarach, bail ó Dhia orra beirt! / An dubhradáinín sin thíos ag S. G. a bhí ag iarraidh achrainn ar an aonach. M'anam go raibh caithte dhó, dhá bhfaghadh sé an té a thiubharfadh áird air, ach níorbh fiú le duine ar bith a dhul ag fiachadh ar a leithide de gheospailín / Tá dubhradáinín dona de mhac aige agus chuirfeadh sé ag mún in do cheirteachaí thú. Ní bhíonn iabh ar bith air ach ag iarraidh achrainn is 'chuile áit dá mbíonn sé, ach ní fiú le aon-duine araoid a chur air. Gheobhaidh sé iarraidh mharbhthach as a dheire ó dhuine eicínt. Is fada atá sé ag tabhairt na n-aobha leis / Ab é an dubhradán sin thoir. Is mór an ghna (: gno) pósadh atá aige sin go deimhin. Ní rath atá leis i dtráigh fheamuinne, ingarrdha ná ibportach. 'Sé a chloch-neart sin anois an "dole" a tharraint. Agus tá mé ag rádh leat dhá mbeadh aistir fada air in a choinne sin féin nach dtarraingeochadh sé é / Th'éis an aire a thug sí do'n ghasúr siúd aice, is dona an dubhradán fir atá sé a dhéanamh. Ach d'eile cé'n chaoi a mbeadh sé. Níl an t-údar ann, mara dteagaidh aon-bhiseach fós air. Ach má theagann, tá sé féin agus a chosamhlacht in aghaidh a chéile. / Maidir len a bheith ag iarraidh maitheasa ar an dubhradán sin, níl aon-mhaith in a chionn. Céard atá sé indon a dhéanamh ar aon-chor agus déanadh sé a sheacht ndicheall. 'Ar ndú níl lán do ghlaice ann / Tá dubhradáinín dona d'athair aige muis — ní dhá roint leis é, ach dhá fhágáil aige. Dheamhan carr móna a bheadh bainte aige bliain mhór fhada agus é a fhágáil faoi féin.

Ach dhá dhonacht dhá bhfuil sé anois ba mheasa go mór fadó é. Buille maitheasa ar bith ní dhéanadh sé ach fáiscthe síos ar bhóithrí agus ag súdaireacht soir annseo. / Tá dubhradán de dhochtúr thiar i R. agus deir siad nach bhfuil sé ag fágáil duine ar bith nach gcuireann sé 'un báis. Is maith an éadáil a leithide sin i dtír / Níl ort ach cúl-bhadar a thabhairt do'n dubhradáinín siúd agus cuirfidh tú luighe fiadha air … Mo léan deacrach muise an té atá láidir. Is dona a fritheadh Baile L. má bhuail dithreabhach mar siúd iad … Go dtugaidh Dia ciall duit! Ní bhuailfeadh sé míoltóg / Tá dubhradán de gamhain annsin thuas aige — gamhain breac — agus níor tháinig ionga ná orlach le bliain air. 'Ar ndú, is beag an dochar dhó scáth a bhfaghann sé len ithe. Tá sé cuibhrighthe ins an ngarrdha siúd le ráithe aige agus é crínnte (: creinnte) go dtí an grinneal fadó aige. 'Sé is fearr ar bith nach bhfuil caillte fadó / Níl de mhuinghnín an tsaoghail aige anois ach an bhó, agus an dubhradán suaidhte de bhulán siúd, agus is furasta cur aca (: chuca) sin. Má bheireann droch-gheimhreadh orra is mór m'fhaitíos nach sáróchaidh siad é. B'iong-antas é dá sáruigheadh agus cho mór agus a chuaidh an mhí seo caithte tríotha / Tá dubhradán dona d'uascán — uascán na bliana anuiridh — thuas annsiúd thuas ar an gcriathrach aige. Is maith a chruthóchas sé má bhíonn sé ins an gcomhaireamh ceann mí ó indiu. Má's leis srianadh thríd, níor bh'fuláir dó aire, thar agus é a fhágáil thuas annsiúd ar an gcriathrach ag imeacht in a ghuróir faoi chlocha. Níl mothú ar bith ann, agus tuitfidh sé i bpoll eicínt nach dtiocfaidh sé as, nó is maith an t-ádh atá air / Tá amhantar muise ceannuighthe aige: an dubhradán de bhudóig sin a bhí ag D. Sh. Mh. Ní chuirfeadh a bhfuil de bhran istigh ins an muileann sciolltar uirre thar mar tá sí. Má ba leis muise a dhul ag tóruigheacht údar bó bhainne, diabhal bréag nach h-é a fuair amach í. Caillfear í siúd chois claidhe air, mara ndíolaidh sé í cho luath agus a fhéadfas sé. / Tá dubhradán beag de laogh aige agus ní fhaca mé an oiread díocais ar bheithidheach dhá bhearradh féin ariamh, agus atá air. Tá an drioball crínnte (: creinnte) amach aige as féin. Is diabhaltaí nach bhféachfadh sé len a dhul roimhe siúd, shul 'á chuirfeas sé é féin ó mhaith /

Tá dubhradán istigh faoi an tsúil = dionnóid shalachair, oiread na frighde de rud ar bith; oiread puintín bioráin

Chuaidh dubhradán faoi mo shúil indé agus muid ag caitheamh dairteacha ar an bportach. Airighim fúithe fós é. Tá sé an-tinn / 'Sé a raibh de shiocair aige idtosach dubhradán a dhul faoin a shúil. Shéid an tsúil agus chuaidh sí 'un óthrais. Mo choinsias 's dar m'anam is súil bhocht anois í. Chuaidh sé ag an dochtúr léithe, agus thug sé rud dó le cur fúithe as tiúb. Chaith sé coicís dhá chur fúithe, ach dheamhan maith a bhí ag teacht uirre. Bhí sé thoir aige an lá faoi dheire agus dubhairt sé go gcaithfeadh sé a dhul isteach ins an aspuicil (: ospuidéal) léithe. Cheidim go gcaithfidh sé sin féin a dhéanamh mara dteagaidh aon-bhiseach go h-aibéil uirre. Is furasta cur ag an tsúil thar áit ar bith / Bhí sé ag cur amach fheamuinn — feamuinn tirm. Chuaidh dubhradán faoin a shúil. Ní dheacha sé roimpe in am. D'at sí suas in a builín. Sin é an uair a chuaidh sé G. léithe. Ní raibh aon-mhaith ann: leig sé ro-fhada í. B'éigean an tsúil a bhaint as agus súil ghloine a chur isteach in a leabaidh / Cé'n fáth a bhfuil an púicín siúd ar an tsúil ag C. Mh. Mh. … Bhí sé ag briseadh cloch. Bhuail sceabhadh de chloich ins an tsúil é agus chuaidh dubhradán beag isteach innte. Bhí sí tinn aige agus leig sé do 'chuile dhuine a dhul dhá laimhseáil. Dheamhan easna dhi nar at, agus dubhairt an dochtúr leis dá bhfágadh sé mórán achair eile í, go mbeadh sé gan súil. Caith -fidh sé an clúdach sin a choinneál uirre go ceann fada / Is diabhaltaí grinn é. Bhain sé dubhradán a bhí istigh faoi shúil an mhadaidh amach aréir aindeoin nachar léar do dhuine ar bith é ach dó féin. / Níl de leigheas ar an dubhradán sin anois ach a dhul go dtí bean eicínt a bhfuil bainne cíche aice agus blighfidh sí cuid de'n bhainne isteach faoi an tsúil agad, agus is beag an dubhradán a fhágfas sin innte deirimse leat. Is minic a chonnaic mé daoine dhá dhéanamh fadó, agus le goirid féin an uair a bheadh súil bhocht aca … Náire. Cé'n sórt náire. Ní minic fear náireach éadálach ar chuala tú ariamh é … Mara dteighidh, fág mar sin í, agus feicfidh tú féin air go dtiocfá ann ar ball dá mbeadh breith ar t'aith-mhéala agad / Chuaidh dubhradán faoi shúil an chapaill agus tá sí caoch anois i leath-shúil nó indáil leis. Deir an sórt dochtúr beithidheach

sin atá ag dul thart gur fionn atá ar a súil, ach diabhal fionn ná fionn. B'fhurasta aithinte an dubhradán istigh innte na chéad laetheantaí, dá dtapuighinn an uair sin í, ach ó fuair sé ionbhadh, bhí sé mall a dhul di. Is mór an babhta uirre é pé aca sin é / Má's dubhradán atá faoi do shúil, bheadh fear a chuimleochadh a theanga trí h-uaire in aghaidh stuif d'ath-luachra go maith aige. Is minic ariamh a chuala mé é. Tá daoine ann a ghníos é th'éis cho gránna agus atá an ath-luachra. / Tá dubhradán eicínt faoi shúil na bó. D'fheicfeá isteach uait é ar a h-amharc. Tá an tsúil ag silt thar cionn aice. Ní mé an mbeadh aon-mhaith gráinne salainn a chuimilt di. D'fheicfeá daoine dhá dhéanamh / Dubhradán beag de dheannach spré-mhóna a chuaidh faoi mo shúil annseo an bhliain cheana. Chaith sí an-fhada go dona agam. Bhíodh sí ag silt agus ní fhéadainn a h-oscailt chor ar bith scaithtí. Is measa dhuit rud tirm a dhul faoi do shúil go fada ná rud fliuch. Calcann an rud tirm istigh agus is furasta leis séideadh. / "Is léar duit an dubhradán atá i súil na comharsan ach ní léar duit an tsail mhór in do shúil féin" — sean-fhocal. Dubhradán = mote, speck. sail = beam. Is léar do dhuine locht dá fánaighe ar an té údan eile, ach ní léar dó locht dá mhéad air féin. Cuireann sé milleán gach rud ar dhaoine eile, agus gan é ag leigean in a ghoire gurb é féin is mó is cionntsiocair leis /

Ní fhaca tusa ariamh S. Mh. a bhí annsin thoir. Is minic a chuala mé dhá rádh é go ndéanaidh Dia grásta air: "is léar dó go maith an dubhradán i súil na comharsan, ach ní léar dó an tsail mhór in a shúil féin." Bhí sean-liagáistí móra ag S. Mh. / Sin é an siomsán a bhíodh ag an Athair P. i gcomhnuí an uair a bhíodh sé ag cur chomhairle ar bith ar an bpobal: "Is léar dó an dubhradán faoi shúil a chomharsan ach ní léar dó an tsail mhór faoin a shúil féin." Ba bhreagh ó'n Athair P. seanmóir a dhéanamh, an uair a bhuaileadh sé fúithe. Maidir le na sagairt a bhí ó shoin ann, ní bheadh a fhios ag duine céard a bheadh siad a rádh. Ach bhí an chaint aige siúd in a chomharthaidheacht féin / Tá milleán maith aige-sin ar 'chuile dhuine ach ní fhéadfadh milleán ar bith sroicheachtáil dó féin. Sin é an chaoi a mbíonn sé i gcomhnuí:

"Feiceann duine an dubhradán faoi shúil duine eile, ach ní fheiceann sé an tsail mhór faoin a shúil féin." 'Sé cionntsiocair 'chuile duine eile é, ach a chionntsiocair féin / Ní raibh call di a dhul cho fado ó bhaile chor ar bith má ba léithe a dhul ag cur milleáin ar aonduine. Bhí an sean-scraiste siúd ins an gclúid aice cho mór 'e mhilleán le duine ar bith eile. Is maith mo léan a d'fheicfeadh sí an dubhradán faoi shúil na comharsan ach nach bhfeicfeadh sí an tsail mhór faoin a súil féin. Bhí an tsail mhór aice muis ar an teallach — agus sail gan mórán maitheasa (: a fear féin) / Nach maith nach bhféadfadh sí an teach seo a leigean thairti gan an milleán a bhualadh thall air. Níor chuir duine ar bith ins an teach seo muise araoid ar bith ar a gamhainín. A clann féin a rinne díchúis air — 'siad sin. Is léar di sin go maith an dubhradán i súil daoine eile, agus an tsail mhór in a súil féin ní dhá roint léithe é. Nó mara bhfuil, tá sí in a clann / Nach teann uait a dhul ag coireamhaint ar 'chuile duine ins an tír agus gan duine ar bith ann is mó a dteastóchadh coireamhaint uaidh ná uait féin. Chonnaic muid do leithidí go minic: d'fheicfeá go maith an dubhradán i súil duine eile ach ní fheicfeá an tsail mhór in do shúil féin. Ó a bhain tú asam anois é gheobhaidh tú é — agus go bínn (: binn) / Níl aon-duine faoi bhéal an aeir nach bhfuil tarraing the anuas agus liobruighthe gearrtha aice. Tá 'chuile locht ar 'chuile dhuine eile, ach bainfidh sí a muintir féin as margadh igcomhnuí. An lá faoi dheire a raibh sí ag ithe agus ag gearradh ar an dílleachta bocht sin thiar tigh Sh., agus a raibh sí ag rádh nach bhfágann sí amach an teach ag P. Dh. chor ar bith, tháinig sé go dtí an béal agam a rádh léithe go bhfeicfeadh sí an dubhradán i súil duine eile go maith, ach nach bhfeicfeadh sí an tsail mhór in a súil féin chor ar bith. 'Sé a bhí agam a rádh léithe, ach leig mé tharm í in a dheidh sin, leisce clampar a tharraint / Is diabhluí an t-aon (t-aen) é. Ag caitheamh agus ag cáineadh agus ag baint fogha agus easbaidh as 'chuile dhuine ar an gcaoi sin. 'Séard a bhí a dhéanamh leis an chaint a bhíodh ag a athair — go ndéanaidh Dia maith air — a mheabhrú dó. 'Chuile uair a gcloiseadh an t-athair duine ag gearradh na comharsan 'séard adéarfadh sé i gcomhnuí: "Is léar do dhuine an dubhradán

i súil na comharsan, ach ní fheiceann sé an tsail mhór in a shúil fhéin. Ba bheag ab ionann é féin agus an mac seo anois. Níor chuala aon-duine ariamh an t-athair ag gíbliú (: díbliú) ar aon -duine, ní hé a fhearacht sin ag an mac é. Ó'n máthair a thug an mac an cheird sin. Marab eadh ní ó'n athair. / Is mór an úis (: uais) iad agus an teanga atá aca. Tá an tír tarraingthe thrín a bhfiacla aca agus gan dream ar bith a chinnfeadh orra féin le brocamas agus le tuataighil. Ach feiceann siad an dubhradán i súil an duine eile agus ní fheiceann siad an tsail mhór in a súil féin. Is amhlaidh é /

Tá dubhradán ins an ngloine seo = fuisce agus driúillín nó driuillíní dubha ann. Déarfadh na stiléaraí scaithtí gur comhartha deagh-fuisce é / Caith siar í a mhic ó agus go ndéanaidh sí maith agus sláinte duit. Tá dubhradán air sin. Níor ól tú a leithide le scathamh / Thosuigh sé ag breathnú ar an bpoitín agus ag rádh go raibh dubhradán ann. "Má's dubhradán ná dubhradán é" adeir B. "caith chugainn agus ná bí ag leiciméaracht leis níos fuide. Meastú an dtáinig muide an fhad sin bealaigh le dhul ag fosuidheacht annseo mar seo /

Diachta — (dia-achtuighthe? diadhachta?) — aidiacht; ainm-fhocal; boineann

diachta = deacair; doiligh; truagh; iongantach; cóir

Diachta géar gan muid scartha leis ar fad = is truagh nach bhfuil sé
dealuighthe uainn, nó muide dealuighthe uaidh, agus gan muid a bheith ag teacht salach
ar a chéile chor ar bith / Is diachta dom a bheith beathuighthe
scáth a bhfaghaim len ithe = is iongantas é go bhfuil mé beathuighthe
agus a laghad len ithe agus a fhaghaim; is deacair dom a bheith beathuighthe
ó's rud é gur beag len ithe a fhaghaim / Is diachta nach thiar ag a
dhearbhráthair a chuir sé an t-airgead sin thar agus a chur chuig
N. = is truagh nach agus rl.; is cóir go mbadh chuig an dearbhráthair
a chuirfeadh sé é agus rl. / Is diachta dhó a bheith cho suaidhte sin; shílfeá
go bhfaghann sé aire mhaith. Ach ní chuirfeadh an saoghal mór ar fad
bior-eanga air. 'Sé an duine is do-thóigthe a chonnaic mé ariamh é /
Is diachta ghéar nar fhága sib an sean-bhosca ceoil sin ins an
áit a bhfuair sib é. Dá mbadh rud ar foghnamh é, ní bheadh sí leath
cho spleodrach dá thabhairt daoib. Dúinigidh suas anois é, nó
dar brigh an leabhar déanfaidh mise rud leis: a bhualadh amuigh
annsin in aghaidh an chlaidhe agus ciseac a dhéanamh dó (: dhe) ins an
lasarnach in a dhiaidh sin / Is diachta nach thoir ins an mbaile a d'fhan
sé agus gan a bheith ag tarraint anoir annseo ag déanamh círthuaith-
bhill de'n teach. Beidh scéal aige lá eicínt mara n-athruigh-
idh sé béasaí. Gheobhaidh sé an tsráid amach feicfidh sé féin air.
Bíodh sé buidheach do Sh. nach bhfuil sí faighte aige cheana / Is diachta
do mo leithide-sa a bheith láidir: ag iarraidh a bheith ag sclábhuigheacht
ar an oiread tae agus a shluigfeadh priompallán. Bhíodh cáineadh ar an
tae ach badh é an uair a raibh sé fairsing a bhí cáineadh air.
Cuirfidh mise geall leat gur beag a chloisfeas tú dhá cháineadh
anois … Tá do scéal breagh go leor a mhic ó! Ach ní raibh aon-chleachta
againne a theacht d'fhuireasbhaidh tae agus go mbíodh sé againn 'chuile
phuinte ins an ló. Ní bhíonn se againn ceann de ló féin anois. /
Is diachta (: iongantach) nar thug sí an dochtúr agus an sagart ann
freisin ó 'chuaidh sí i gcleitheamhnas a dhul ag déanamh flaisc
cho mór sin. M'anam go mbadh chóra di go mór a dhul
agus a cuid fiacha a íoc ná an tír a bheith ag magadh fúithe

th'éis a cuid a ithe agus a ól / Is diachta dhó a dhul ag coireamhaint uirre siúd agus gurb í an cleite is fearr in a sciathán í. Marach a fheabhas agus a chaith sí siúd leis féin agus len a theach, caillte leis an amhgar agus leis an ocras a bheidís. Ach ní bhíonn aon-chuimne ar an arán a h-ithtear arsa tusa / Is diachta dhuit a bheith fuar agus dhá bhróig nua ort, agus dhá léine, agus bríste agus drár. Má tá fuacht ort ní cheal éadaigh ná coisbhirt é — ní h-eadh sin. Guróir fuar a bhí ariamh ionnad ó a chaithfeas mé a rádh leat / Diachta ghéar gur cheannuigh tú chor ar bith é mar bhicycle. Tá an teach bánuighthe aige ó a tháinic sé isteach ann. Tá a liachtaighe bícéad air agus atá de réalta ar an spéir, agus ní túisce ceann deasuighthe ná ceann bríste. Agus níl aon-lá ins an aer nach bhfuil airgead ag imeacht le caoi eicínt a chur air / Is diachta nach istigh ins an teach a d'fhanfadh sib a leithide d'oíche thar agus a dhul amach ag bothair-eóireacht. Beidh earradh agaibh de bharr na mbóithrí agus ní h-í an deagh -earradh ach oiread í — ní h-í sin / Ní fhaca mé a leithide de "shet" ó rugadh mé. Is diachta dóibh a bheith staidéarach féin agus an cheird a bhíos ar an gclann ó mhaidin go faoithin: ag blaodhach agus ag blaidhirthiúch agus ag eirghe in áirde. Ní fhaca mé a dtógáil ar aon-chlann ariamh. Dheamhan é muis. Dá mbeidís siúd agamsa smachtóchainn iad nó dhéanfainn a lá in éindigh. Maidir le bheith ag éisteacht leo! / Is diachta dhuit ocras a bheith ort, ar scáth an t-achar ó bhí tú ag ithe cheana. Mo chroidhe ná raibh ag an diabhal go reicfeadh sib duine. Ag cur an tighe béal in áirde ag iarraidh beatha 'chuile ré soluis. Níl cuimhne ar bith agaibh cá bhfuighfear í nó cé a shaothróchas í / Is diachta ghéar nach leigeann tú de do cuid sioctha leis. B'fhéidir dá leigtheá dhó go suaimneochadh sé, ach 'sé an chaoi a bhfuil tú ag iarraidh a bheith ag baint amhlóireacht' as, agus gan call ar bith a bheith ag maoidheachtáil leis / Is diachta sin dom muis, a bheith láidir: fear nach ndeachaidh aon-ghreim de bhiadh an tsaoghail ar a bhéal le leath-bhliain, cé's moite d'uibhín chirce agus de bhlogam bainne. Nach deacair duit a bheith ag iarraidh maitheasa ar a leithide sin. B'fhéidir an uair a thiocfadh an lá breagh go sceinnfinn amach thar mar tá mé / Is diachta nach gcrochfaí an diabhlánach, agus a bhean marbhuighthe aige. Is mór an díol

truaighe anois é mar dhóigh dhe, ach ní fheicim go bhfuil truaighe ar bith do'n chréatúr bocht atá faoi'n gcréafóig. Sin é an chaoi a mbíonn sé: Fear dhá bheathú agus fear dhá mharbhú / Ní léar dhom go bhfuil maith ar bith a dhul ag cur chomhairle aríst air. Nach bhfuil an teanga caithte ag na daoine ag cur chomhairle. Is diachta ghéar nar thug tú cead dó lascadh leis go Sasana an uair a bhí sé ag éiliú a dhul ann, thar agus é a bheith ag tarraint droch-chliú air féin agus ar 'chuile dhuine a bhaineas leis. Dá mbadh ag tobar dheire an Domhain a bheadh sé ag dul, ní bhacfainn-se é ach moladh leis, go n-imigheadh sé as an mbealach / Is diachta dhó foghluim a bheith air ar scáth an t-achar a chaith sé ag dul 'un scoile … Bhí sé in ainm agus a bheith ag dul ann ceathair nó cúig de bhlianta, ach 'ar ndú ní bhíodh sé ann ach 'chaon tríomhadh lá, má bhíodh sé an méid sin féin. Agus scaithtí ní thaobhuigheadh sé aon-scoil ar fheadh ráithe i mbéal a chéile. / Go leaghaidh an Diabhal agad iad nach n-éisteann leo uair eicínt. Is diachta ghéar nar fhan tú thoir aca ar fad agus an moladh atá agad orra. Diabhal aithne ort nach ridirí iad, dhá dtarraint anuas 'chuile núiméad (: nóiméad) / Ba diachta dó nar fhan ins an mbaile. Is fada siar a thug a chosa é. Cá'r fhága tú an conórtas 'ar ndú! M'anam féin muise dá mbeadh seisean buailte síos — nar leigidh Dia an fear bocht! — gur fada go gcuimneochadh J. Mh. a theacht aniar do shiubhal a chos ag breathnú air. Tá baoghal beag air go deimhin / Is diachta dóib maoin ná bráigill a bheith orra agus cho caithmheach drabhlásach agus atá siad. Dá mbeadh dúithche an Ch. aca, ní fhágfaidís luach bonn bán uirre, nach istigh ag mná ósta a bheadh. Is mór an seasamh aca é. Ach ní mhaireann an rith maith do'n each i gcomhnuí. Mo choinsias ní mhaireann. Tiocfaidh an lá fós agus dá mbeadh breith ar a n-aithmhéala aca, dhéanfaidís tíoghbhus in am / Diachta ghéar gan an Nodlaig chéadna tharainn dá mbadh rud é a dhúinfeadh 'u' (: bhur) mbéal. Níor thug sib forus ná suaimneas duinn le mí ach í in a leathrann agaibh len 'u' (: bhur) mbricfeasta, agus len 'u' suipéar. An uair a thiocfas sí tiocfaidh sí agus ní fhéadfaidh sibse ná aon-duine eile a dhéanamh lá níos túisce. Breagh nach leigfeadh sibh dá 'u' gcuid clabaireacht' annsin fúithe. /

Dligh, dligheachtáil: briathar. ainm-bhriathar — dligheachtáil. Aidiacht-bhriathar — dlighte.
dligheachtail = a bheith amuigh ar dhuine; a bheith ag … ar … ; a beith i bhfiaca
nó faoi chumaoin do … ; ag dul do … ; a bheith de chúram nó de chall ag
duine rud áirid a dhéanamh; a bheith d'fhiachaibh ar …
[Fuaim g go h-iondamhail i leabaidh d i gCois Fhairrge go dtí an Cheathramhadh
Ruadh. glím (: dlighim); glíonn tú (: dligheann tú) agus rl. Ach
glite (: dlighte); agus tá dhlí-á agus dli-teá (: dlightheá) ann. Níl g ar an
d i "dlighe" ins an gceanntar sin muna mbeadh fior-chorr
dhuine ann ach mar sin féin tá caint an cheanntair an-luighteach
le d > g. Is gnáth-athrú é, dlisteanach > glisteanach, diúrnáil
> giúrnáil agus rl.]

Ní thiocfaidh (: rachaidh) muide ar an tsochraide sin. Níor dhligh muid aon
tsochraide dóibh = níl aon-chall dúinn a dhul ann, arae ní raibh aon-
duine uatha féin againne an uair a bhí sochraideacha againn /
Dá ndlighidís sochraide duinne, bheadh muid aca, ach thárla nar
dhligh níl aon-chúram orainn a dhul ann. Níl aon-fhear dár dhligh
sochraide dhomsa nach raibh mé aige. Aithnighimse mo dhuine féin agus
níl call ar bith mé a chur ar an eolus faoi, bíodh a fhios agad. / Sin
sochraide muis a bhí glighte (: dlighte) dhomsa ach dheamhan smid a chuala mé
faoi go raibh sé i dtalamh, ná cuid de smid. Chonnaic mé M. ag dul
siar an lá sin ach shíl mé gur ócáide eicínteacht eile a bhí air.
Shílfeá go gcainteochadh sé air liom, agus a fhiosacht dó go raibh sí dlighte
dhomsa cho maith leis. D'fhéadfainn scilling altóra a chur leis,
mara bhféadainn féin sciorradh ann. Ach tá M. sin in a phúca /
Ma dhligh sé bainis duinne fuair sé bainis in a h-ómós. Bhí bainis
eile aige féin agus níor iarr sé muide, agus 'sí an chumaoin chéadna a
chuirfeas muide air anois. Má tá sé ag tnuthán léithe is mór an dul
-amudha atá air. Marach é féin ag déanamh oirille orainne,
agus a dhul ag iarraidh an dream a bhí taobh thuas agus taobh thíos duinn (:
dínn) gheobhadh sé cuireadh anois uainn, gligheadh (: dligheadh) sé é nó ná
dligheadh; agus níor dhligh, mar ní raibh muide ag an mbainis deire a
bhí aige fhéin, ach leigfinn é sin tharm marach an cleas a rinne
sé féin / Dhligh sé bainis annseo ach níor dhligh sé aon-chuairt mhíosa.

Dar ndóigh dhá dteigheadh muid ag déanamh bruigh-shléacht mar sin, bheadh an tír ar an gcuairt mhíosa mar a bhí ar an mbainis. Dar príosta 'sé atá guthamhail. Má theigheann sé aige sin, innseochaidh mise suas do'n phus aige é / Mo chreach-mhaidne muise, níor dhligh an diabhlánach sin tae ná arán a fháil ins an teach seo, agus níor chumaoin daoib a dtabhairt dó ach an oiread, dhá mbeadh aon-fhuil ionnaibh. Níl cuimhne ar bith agaibh ar an uair a raibh sib fhéin thíos aige-san agus ar leig sé amach sib agus déidín tuithte agaibh leis an ocras. Ach sin é. Marach a bheith gan náire dhó is fada amach ó'n teach seo a d'fhanadh sé. Ach is fear gan náire é ar aon-chor. / Teigheadh sé i gcurrach Sheáin Uí Fhínneadha (: eascaine logánta)! Maran bog a fhaghas sé na daoine má's fíor dó féin. Gheobhaidh sé lá oibre uainne an uair a dhlighfeas sé lá oibre dhuinn, rud nach ndligheann. Dá ngéilltí dá chuid bladair sin bheadh duine imighthe ag obair aige 'chuile lá ins an mbliain. Dar príosta muise, níl sé fhéin cho cóir sin faoi'n rud a bhíos aige. Cut (: cat) bradach a gheobhadh brabach air / Dhligh mé dhá lá seirsighe (: seisrighe) dhó arbhú anuiridh, agus bhí mé reicthe aige go dtug mé cupla lá dhó in a n-ómós. Bí siúráilte má fhaghann tú dadaí uaidh siúd nach leigfidh sé leat é. Ach inDomhnach níl a fhios agam nach aige atá an ceart. Ro-shimplí a bhíos cuid de na daoine / Ní dhlighfinn an lá sin féin dó muise, ach nach raibh neart agam air. Dheamhan ceo de mo chuid féir a bhí in iothlainn agam, ar an ngairbhshion mór sin a tháinig faoi Fhéil Michil anuiridh. An chéad lá breagh a scal as aer, thapuigh mé é. D'iarr mé air a theacht ag déanamh an choca liom. Tháinig. Bhí muid réidh árd-trathnóna. Meastú nach raibh sé ag leigint guib agam (: chugam) aríst i gcaitheamh na bliana, nó go mb'éigin dom faoi dheire agus faoi dheoidh, a dhul lá leis in ómós. Sin é an C. agad / Níor dhligh mise a cuid cúlchainte di chor ar bith. Duine mise nach dteigheann ag coireamhaint ar aonduine ach mo ghna (: gno) féin a dhéanamh, ach nach maith nach bhféadfadh sí leigint dom in a dheidh sin (: dhiaidh) sin gan mé a tharraint thrín a teanga. / Ghreamuigh sin di féin agus dhá cineál — an biadán. Ach níor dhligh mise ná aonduine in mo theach a cuid biadáin di, agus níor chumaoin

di a dhul ag caint mar sin orainn aindeoin ar chuir muid de bhainne aici — ní dhá mhaoidheachtáil uirre é — ó thús bliana. Ach 'sé an té nach dtiubharfadh uisce na bhfataí di, a bhíos molta aice sin i gcomhnuí agus an té a ghníos an mhaith uirre, níl meas na muice aice air / Ní dhligheann duine ar bith faoi chaolachaí an tighe seo ná aon-duine dhá bhfuil ag tarraint ann ach oiread, do chuid achrainn uait a T. Teirigh agus déan do chuid achrainn leis an dream a dhligheas duit é — an dream a chuir puiteach ar an bpus agad goirid ó shoin. Ach mise imbannaí nach mbainfidh tú leo sin. Ach tá mé ag tabhairt "warning" anois duit crapadh leat as seo cho beo deifreach agus atá in do chosa, agus má thagann tú aríst go deo ag cur choc orainne, ní imeochaidh tú cho saor agus atá tú ag imeacht anocht / Níor dhligh mise tada ó mhuintir Mh. Mh. ach an carthannas. Is mó a chuir mé ann ariamh dóibh ar chuma ar bith ná a chuir mé as dóibh. Ach siúd é aríst é. Feacha gur mé a bhualadh ba mhian leo a dhéanamh lá an aonaigh: agus gan a fhios cé'n fáth. Ní raibh mé ag cur aca (: chuca) ná uatha ach ag tabhairt mo bhealaigh liom anoir abhaile, an uair a d'ionnsuigh beirt bhromairí aca mé / Tuilleadh de'n tubaiste aca. Níor dhligh siad tada eile, agus an bhail a chur siad fhéin ar Sh. cheana. Sin é anois cothramacan síne na h-uaire ar ais aca féin. Pléidhfidh an bhean aniar leo é anois. Mo ghrádh í! Is fada atá a leithide ag teastáil ar an tsráid sin. / Dar láthair Dé muis, dhligh C. a gcuid eascainí. 'Sí a dhligh — agus na buillí freisin dhá dtugaidís di iad. Dar ndóigh níor tháinig iabh ar a béal le mo chuimhne ach ag sciolladóir -eacht agus ag géaruidheacht orra. Agus níor fhága sí cearc ná gamhain ariamh aca nar bhasc sí, nó ba chinneamhaint uirre é. Ach gheobhaidh sí féin rud ar a shon anois ó na mná óga siúd. Diabhal mé go bhfuil siad sceinnte amach in a gcailíní óga — bail ó Dhia orra — scáth an t-achar ó 'bhí siad ag dul 'un scoile / Níor dhligh mé an iarraidh sin uait a Sh. ach casfar mámh maith agamsa ar ball le congnamh Dé agus ná raibh an rath ormsa má leigim tharm thú. Níl aon-uair dhá ndeachaidh mé anonn ar feadh na h-oíche le máimhín nach raibh do chuileata romham ar gárda / Glighim (: dlighim) cuid is mó ná sin dó. Tá sé cheithre phunt féin sílim. Nó meastú nach bhfuil? / Ní dhligheann siad pinginn ar bith dhomsa anois — diabhal gligheachtáil

(: dligheachtáil). Tá an cíos ar fad íoctha / Má dhligheann siad sin aon-phighinn duit a mhic ó, is iad nach leigfidh thar an lá cáirde é. Níor íoc mé annseo an bhliain cheana, go raibh an lá caithte: an lá a bhí ar an bpáipéar. Deir tú le dhá nútice (: notice) a bhí amach agam roimhe sheachtain. Agus gan dlighte acu ach leath-choróin! Sin iad atá puinteáilte. Ach tá neart cléirigh aca chreidim / Dar ndóigh ní dhlightheá (: "ní dhlighteá" freisin) an t-airgead sin an uair sin chor ar bith. Roint na talmhana a tharraing é sin. Nach bhfuil sé ar go leor daoine soir annsin. Chuadar isteach go dtí an oifice aca agus bhí siad ag cur a gcosa uatha ag rádh nar dhligheadar chor ar bith é, ach dheamhan sásamh na séanadh a fuair siad / M'anam má tá an t-airgead dlighte agad, nach bhfailleochaidh siad siúd in a ngnotha. Tiocfaidh maistín de nútice (: notice) chugad agus an oiread stampaí air / Má dligheadh an t-airgead do'n pháiste, gheobhfaidh sé é feicfidh tú féin air. Marar dligheadh, buail cois air. Níl aon-éadáil a bheith ag caint faoi / Is mór de na gasúir seo thoir nar dligheadh an dá phunt dóibh, a fuair é. Ach ní fhaca mise aon-cheo ag teacht amach ariamh ins an saoghal nach mbeadh éagcóir in a bhun nó in a bharr. An bhfeiceann tú aos óg an bhaile sin. Ar chuala Dia ná duine aon-fhocal Gaedhilge aca ariamh. Dheamhan é muis le mo chuímne-sa ar chaoi ar bith, mara mbeadh focal a thóigfidís uaimse nó uaitse, agus leagan aca ar an bhfocal sin fhéin. Ní taise do na gasúir atá ann anois é ach oiread. Agus tá siad ag fáil dhá phunt na Gaedhilge in a dhiaidh sin. Meastú nach shin caimiléaracht. Ach má abruighim (: má deirimse)-se nó thusa nach bhfuil sé dlighte dhóib is droch-dhaoine muid. M'anam nach h-eadh nach gur gearr gur bainte dhuinn (: dhínn) féin a bheidheas sé. Tá an "power" aca a mhic ó! / Níor dligheadh an t-airgead sin dó chor ar bith ach cá'il an chneamhaireacht. Tá an cneamhaire igcomhnuí indon níos mó ná a cheart a bhaint amach. M'anam anois go ndeirimse leatsa go bhfuil a cheart go maith bainte amach aige sin. Ach ní mór liomsa dó 'thárla go bhfuair sé amadáin sáthach bog len a thabhairt dó / Deir siad (: deirtear) gur mór a dligheadh dóibh ó'n údhachta nach bhfuair siad chor ar bith. Dar ndóigh má's cúrsaí

de'n tsórt sin é, 'séard a bhí aca a dhéanamh dlighe a fháisceadh ar an dream thall aríst agus é a bhaint amach as a gcreatalaigh. Nach deacair le na diabhail scaradh leis. Ghreamuigh an tsaint dóibh i bhfus agus thall — ghreamuigh sin / Dá mbeadh sí gan a dhligheachtáil duinn chor ar bith, níor cheart di a choinneál. Is mór leis amach as an teach seo ar rug a crúib air, agus níor scar sí leis. Ach dar loma-lán an leabhair ní bhfuighidh sí an méid seo cho réidh sin, dá mba isteach as comhair Sh. Fh. a thiubharfaí í. Ro-fhada a bhí na daoine ag tabhairt áird ar a cuid iarratais — 'seadh sin /

Th'éis (: taréis) é a dhligheachtáil féin dó is mó dhá fhonn a bhí uirre a shéanadh go bhfuair sí chor ar bith é. Bíodh a fhios agad muise go bhfuil an phrioc siúd sáthach ábalta le sin fhéin a dhéanamh. Ach ba dual di sin arsa tusa. Nach ag dlighe faoi fhiacha a chaith a h-athair a saoghal / Má bhí sé gan na fiacha a dhligheachtáil bhí an ceart aige gan a n-íoc, ach is mór an t-iongnadh liom go gcuirfeadh S. Bh. aon-chaidéis air fútha, marach go raibh. Is duine cneasta é S. Bh. agus a athair roimhe. Níor bhain ceachtar aca aon-phighinn cham amach ariamh. Bhí a shliocht orra: bhí gnaoi na ndaoine orra / Má's dligheachtáil nó gan dligheachtáil anois é níl sé sásta é a íoc agus tá fear an tsiopa ag caint ar dhlí. Ach mo chreach-mhaidne é féin agus a chuid dlí. Dá gcaitheadh sé é siúd faoi chéad, badh aon-mhaith amháin dó é. Ní bhainfeadh Oscar agus a shúiste aon-chianóg as a chreatalaig siúd, ná cuid de bhaint … Bail ó Dhia ort féin agus ar an sirriam. Tháinig an sirriam cheana air faoi dhó, agus ba bheag a bhí dhá bharr aige — ba bheag sin / Deir siad pighinn ar bith airgid dhá bhfuil dlighte ag S. M. — ndéanaidh Dia grásta air — go bhfuil dligheadóirí dhá éiliú anois, agus ar an gcóir chéadna pighinn ar bith dhá bhfuil dlighte ag aonduine air go bhfuil siad ag iarraidh fáirnéis faoi, roimh a leithide seo de lá. Dheamhan a fhios agam féin nach hé lá Fheile Peadar agus Pól é. Tá an áit le candáil uileag má's fíor. Is do-chreidthe an scéal nach bhfanfadh na h-ingheanachaí ann, ach tá sé ráidhte nach bhfuil aon-luighe aca leis, th'éis (taréis) gur áit bhreagh é. /

Dhligh mé tairbhe eicínt a bheith agam air, agus a fhad agus ó 'rinne

mé aon-mhaistre cheana = bean a bhí ag caint faoi'n méid ime a bhain

sí dá maistre /

Daighce, daighceamhail, daighceamhlacht.

daighce — ainm-fhocal, buineann(?). [níl a fhios agam i gceart céard is inscin dó, ach measaim gur buineann é.

daighceamhail — aidiacht as daighce.

Daighce = meargántacht; stuaic; olc; musán; doi-mheanmna.

daighceamhail = meargánta, stuacach; olc, musánach; doi-mheanmnach

Tá an-daighce ort shílfeá / Siúd í a raibh an daighce uirre. Dheamh -an corruighe dhá cois a dhéanfadh sí, th'éis gur iarr an mháthair uirre a dhul amach agus na beithidhigh a bhleaghan. Agus chuala mé gurb éard a chuir uirre é in áit nach leigfidís ag céilidhe i nD. Ch. í an oiche roimhe sin. Í a leigean chuig céilidhe go D. Ch. deich míle bealaigh, má tá sé taobh leis. / Má theigheann tú di ar an mbealach sin ní chuirfidh tú uirre ach daighce, agus beidh muid gan Murrchadha gan Maghnus annsin. Abair mar seo léithe gur tháinig muid fiche míle bealaigh chuig sochraide agus go bhfuil fiche míle eile le dhul ar ais againn agus go bhfuil "bicycle" briste orainn. Tosuigh ag dilleoireacht. Maistín maith í. Tá na seacht n-aithne agamsa uirre, agus sin é an fáth go mb'fhearr dhuitse a dhul 'un cainte léithe. Ní móide go n-eiteochadh sí thusa faoi dheoch, ach má chaitheann sí in a ceann é, ní thiubharfadh sí deoir do dhiaumhlach / Sin é a chuid daighceamhlacht'. Bíonn sé sin mar a bheadh múille scaithtí. Do dhubhshlán drannadh leis an uair sin. Má dhrannann, mo leabhar dhuit, go mbeidh rud ar a shon agad / Daighce a bhí uirre anocht faoi gur fhága C. annsin aréir í … Ceadh nar chuala tú é sin. In Domhnach rinne sé malrait mná aréir … í seo thiar. Spéir na gréine Sh. Ch. Tá faitíos orm muise gur b'olc an mhalrait aige í: a dhul ó ghiolla na sliogán go dtí giolla na mbáirneach mar adeir fear Ch. Ach mo choinsias is deacair í seo istigh a bheárradh anocht / Tá daighce eicínt ar an Sáirsint agus é a bheith cho luainneach ar a chois anocht. Níor chomhnuigh sé ar feadh na h-oíche ach ag dul ó chloigeann an R. go dtí ceann an bhóthair. B'fhéidir gur ins an áirdeall ar M. atá sé. Má's eadh béarfaidh sé air go siúráilte. Tuilleadh ghéar de'n chlampar aige — nach bhfaireann é agus aire a thabhairt dhá ghna (: gno) agus fios aige nach bhfuil an ceann eile ach ag

iarraidh breith thall air go dtugaidh sé 'un cúirte é. Diabhal blas eile. / Is fhearr duit leigean de do chuid daighce anois, agus a dhul a chodladh as réidhteach, nó má eirighimse aghad (: chugad) cuimhneochaidh tú air. Níl aon-oíche ins an aer nach ar an gceird chéadna a bhíos tú, mara bhfaghaidh tú cead do chomhairle féin faoi 'chuile rud. Nach gránna an chaoi de do leithide de stócach a bheith ar an gceird sin feasta choidhchin. / Beidh daighce air nó go bhfaghaidh sé daithte é; agus gheobhaidh as a dheire. B'fhearr dhuit ag gabhail de chlocha ar do cheirteacha ná a bheith igcleitheamh -nas a dhul ag baint aon-cheart dó. Is fada atá sé ag rith leis, ach an uair a gheobhas sé é, gheobhaidh sé in aoinfheacht é, agus is fada dhá thuaradh dó féin é / Ní raibh an ceann céadna ariamh gan an daighce agus an stodam a bheith air. Is fadó cheana nach raibh sé ar siubhal (: ag troid). Sin é an suaimneas is fuide a chonnaic mé é a dhéanamh ariamh. Ach b'fhurasta aithinte dom an oíche cheana agus an chaint a bhí air, go mbadh ghearr uaidh (: go dtosuigheadh sé ag troid) / Sin é ceird gasúir i gcomhnuí: daighce orra faoi'n a dhul chuig an scoil. Shílfeá inDomhnach, gur mó an luighe atá ag gasúir anois léithe, ná fadó. 'Ar ndú (: ndóigh) ba mhó a bhuailtí orra fadó / Daighce air nó dhó (: dhe) anois, caithfidh sé imeacht. Tá u (: ar) ndóthain againn cheana, slán a bhéas siad, agus gan a dhul ag beathú bromaire atá indon a chuid féin a shaothrú / Ní thiocfadh sé chuig an dárna bainis le daighce nachar h-iarradh ag an gcéad bhainis é. Diabhal blas de'n cheart nach raibh aige. Fear gan fuil a thiocfadh go dtí iad th'éis droichead a dhéanamh dhínn cheana (: a dhul tharainn agus daoine eile a iarraidh). Bhí a shliocht orra. M'an-am nachar thaobhuigh cuid againn iad ná cuid de thaobhachtáil / Is furasta leis sin daighce a theacht air. Níl ort ach breathnú cam air agus tá sé eirighthe in a choileaichín agad. Má chuaidh leis muis an oíche faoi dheire, castar leis é. Ní túisce a bhí sé in a shuidhe, ná bodach eile nach raibh aon-bheann aige air: P. Ch. Sin é an buachaill aige / Má bhuaileann daighce ar bith é siúd, dheamhan ionntú ar a sháil a dhéanfadh sé duit ar feadh an lae, ná d'aon-duine eile. Is stuacaighe é ná a bhfaca tú ariamh / D'imigh an diabhal ar a chuid daibhceamhlacht'. Bíonn sé laetheantaí agus ní bheannóchadh sé ins an mbóthar duit. Laetheantaí eile 'sé an fear is subháilcighe a chas ariamh leat é. Léar (: de réir) mar

a bhuaileas an daol é, sin é an chaoi a bhfuil sé / Is daighceamhail an mhaise dhuit é. Mise i mbannaí dhuit dhá bhfaighteá neart slaite gur maith gasta a d'eireochthá as an bhfaisean sin. Chonnaic muid do mhacsamhail cheana, agus smachtuigheadh iad. / Tá sé cho daighceamhail, cho stuacach le nímé cé hé. Ghreamuigh sin dá dhream. Bhí aithne mhaith agamsa orra, agus ceart agam air. / Sin é féin an Seán daighceamhail.
Níl cinneadh ar bith leis féin ag magadh faoi 'chuile dhuine eile ach do dhubhshlán teirigh ag magadh faoi féin / Ní daighceamhail go dtí é. Chonnaic mé na gearrbhodaigh annseo thíos oiche. Bhí siad ag caitheamh clo' neart (: cloch). Chaith seisean í cho maith le duine. Bhí timcheall agus troigh ag C. ar 'chuile dhuine eile dhá raibh ann. Chaith seisean trí nó ceathair de chuarta aríst, ach, má chaith féin dar diaguidhe chinn air marc C. a chrínnt (: chreinnt). D'fháisc sé air a shaicéad a mhic ó agus seo leis suas an bóithrín le teann daighce faoi gur bhuail C. é / Measaim go bhfuil an capall sin aige sáthach daighceamhail. Bhí siad thíos annsin an lá faoi dheire agus chaith siad uair an chluig léithe, ach dheamhan isteach ná amach a bhí aice, ach in a staic i lár an gheata. Seacht gcatha na Féinne ní bhainfeadh feanc aisti gur thogair sí fhéin corruighe. Is diabhlaidhe contráilte thar a chéile a bhíos cuid de na capaill / Bhí mé thíos ann lá annseo anuiridh. Domhnach a bhí ann. Bhí sí ag strócadh ag iarraidh a dhul síos 'un bóthair. Ní leigfeadh an mháthair di. Bhí rud eicínt le déanamh: soithigh le nigheachán nó rud fánach ar aon-nús (: nós). D'iarr an mháthair uirre é a dhéanamh. Dhá bhfeictheá cho daighceamhail agus a d'iompuigh sí ar a cois, agus siar léithe a chodladh. Dá mba mise an mháthair, bheinn dhá lascadh 'fhad's gheobhainn teas in a craiceann. Bhí sí do-chorruighthe freisin, ach níor leig sí amach mórán dhó (: dhe) liomsa / 'Sí an t-oibridhe is fearr in Éirinn scaithtí í, ach amanntaí eile, ní thiubharf -adh sí deoch uisce agad dá naomhtaí thú. Tá sí sáthach daighceamhall deirimse leat. Ach cá bhfágfad sí é arsa tusa.
Cineál Bh. an T. / Ná cuir araoid ar bith anois air go mbeidh an coca déanta aige. Bíodh a fhios agad gur liomsa an coca. Is daigh -ceamhla é sin ná an diabhal. Dá gcaitheadh sé in a cheann é, d'fhágfadh sé an coca agus a bhfuil ann annsin. 'Sé atá deas air /

deolcachán — ainm-fhocal; fireann: iolraidh = deolcacháin.
deolcachán [as deol — diúl) = páiste a bhíos ar chích; páiste a bhíos ag ól a laicht; naoidhneán.

Níor casadh mo bhean ariamh trom agus an deolcachán uirre = níor thárluigh sé go raibh mo bhean ariamh torrthach nó le h-aghaidh cloinne agus an páiste gan a bheith coiscthe de'n chích fós. [Chuala mé an chaint sin agus cainteanna dá sórt dhá leagan ar spailpíní ó Chonamara ag Muintir an Achréidh. Ach leo féin a bhaineas siad, arae is annamh a bhíos an focal "deolcachán" i gceist taobh thiar de Ghaillimh mar a bhfuil corr-áit ann.]. Níor rug an naoidhneán ar an deolcachán againn ariamh = bheadh an páiste roimhe sin coiscthe de'n chích sul a mbeirtí duine eile / Níl deolcachán ar bith anois ann. Tá siad ar fad tóigthe acú. Ní mheasaim go raibh ceann óg ar bith ann le cupla bliain / Tá cúigear ann, ní áirighim an deolcachán. / Ní túisce a bhí an deolcachán bainte de'n chích ná d'eirigh sé amach in a ghaiscidheach. Thoisigh sé ag marbhú fathachaí. Fiafruigh de Sh. Ó Bh. faoi. Is aige atá 'chuile údar faoi'n scéal sin. Chuala mé ag cur síos air é, tá goirid ó shoin / Cuirtear amach (aige) ag an scoil anois iad agus gan iad ach in a ndeolcacháin. Roimhe seo, bhídís suas in a bhfir óga agus in a mná óga sul má theighidís ann. Ach d'fhanaidís ann dá reir — go mbídís indon an máistir a bhualadh. / Céard a dhéanfas tú leis an deolcachán seo. Nach tú an peata againn. Fear buile gan bríste! Tiubharfaidh mama slat duit má bhíonn tú ag gol / Má mhaireann dóibh in a bhfir mar atá siad in a ndeolcacháin is truagh de'n tír. Níl sé bliain go leith fós — Packy úd — agus tá sé co h-olc le easóig cheana. Dar príostaí tá! / Dá bhfaghadh an deolcachán siúd rud le n-ithe agus cóir mar is ceart a chur air, dhéan-fadh sé fathach bail ó Dhia air. Ach ní dhéanfaidh sé dadaí mar atá sé / Is beag an náire í. Bean nach bhfuil indon a deolcachán páiste a thógáil, is diachta di a cheapadh go dtóigfeadh sí cailín / Cuir an deolcachán sin a chodladh as an mbealach, agus ná bíodh muid ag éisteacht len a chuid píobaireacht' níos fuide. Tá sé as compás ar fad. /

driúillín: ainm-fhocal; fireann; iolraidh = driúillíní

[Fuaim — le fuaim d in a thosach go h-iondamhail, ach bíonn fuaim g ann amanntaí freisin, agus i gcomhnuí ins an leagan "griúillíní súighe"]

driúillín = súileog; plubóg; "bobailín"; barr a theagas ar uisce an uair a chaithtear rud eicínt ann; cnapán bog de shúighe, nó a leitheid.

Thosuigh muid ag caitheamh miaróga (: méaróga) síos ins an bpoll agus bhí driúillíní ag teacht ar bharr an uisce / Chonnaic duine eicínt ag tuitim thar bord é. Is cosamhail gur fhan sé ar thóin puill, arae a dhath ní fhaca siad ach cupla driúillín a tháinig ar an uisce. Deir siad go n-eirigheann an té a bhíos dhá bháthadh trí h-uaire, ach dheamhan ar eirigh dhó siúd má's cóir aon-áird a thabhairt ar an dream a bhí ins an mbád. Nach ciotach a d'eirigh sé dhó an duine bocht. Ach ní leithne an t-aer ná an timpiste mar adubhairt an ceann eile / Bhíodh muid thoir annsin thoir ar chúla na céibhe agus muid in ar suidhe síos ann go mbeadh sé in a dhí-thráigh agus go bhféadfadh muid a dhul ag obair. Dheamhan a dhath féin a bhí call duinn a dhéanamh an uair a bheadh sé in a lán-mhara, ná ó a bheadh leath-tuilte féin aige, ach cead againn suidhe annsiúd ag caitheamh clocha ins an bhfairrge agus ag breathnú ar na driúillíní ar an uisce. Ba é saoghal an duine uasail é a mhic ó / Cé'n chaoi a mbeadh a fhios agadsa go mbeadh bradáin in a luighe ar an átha? Bhuel innseochaidh mise sin duit agus cuirfidh mé geall go bhfuil an ceart agam. Má fhaireann tú iad feicfidh tú na bradáin ag cur driúillíní aníos … Dar a shon a bhfeicfeá na bradáin. Bíonn siad in a luighe ar an láib … ag comhnuighe thíos ar an láib. An uair a tharraingeas siad anáil, sin é an uair a chuireas siad aníos na driuillíní … Níl a fhios agam faoi'n domhain … b'fhéidir dhóib. Ní fhaca mise ariamh na driúillíní ach ar an tanuidheachan. Dá mbeidís in a sraith istigh faoi chloich d'fheicfeá na driúillíní freisin / Chaitheadh sé é féin síos do bharr na céibhe. Theigheadh sé idir dhá uisce. Ní fheicfeá tada go n-eirigheadh sé aríst, ach driúillíní a chuirfeadh sé aníos ar an uisce. B'ait an snámhóir é, agus feacha féin gur báitheadh é faoi dheire, in a dheidh sin / Mara mbeidh an poll sáthach domhainn ní thiocfaidh

dhriúillíní ar bith air … níl a fhios agam. B'fhéidir go dteagann /
D'fheicinnse clann an Bh. annsin thoir, an uair a bhí siad ag eirghe suas.
Ní bheadh sásamh ar bith aca ann mura dteighidís síos 'chuile lá ag an gcladach
agus gabhail chloch a chruinneál (: chruinniú), agus a dhul síos agus tosuighe dhá gcaith-
eamh amach i bpoll Charraig Ch. go bhfeicfidís na driúillíní, nó na
súileogaí, ar an uisce. M'anam go mbídís dhá dhéanamh an uair a
bhí siad in oirifeart freisin cho maith leis an uair a bhí siad in a
ngasúir. Dream an-tsimplí a bhí ionnta / Bhí rud eicínt ann: an
bhfeiceann tú na driúillíní ar an uisce. Ceann beag a bhí ann. Marach gur
b'eadh chloisfeadh muid an phlobarnaoil / Bhí muid amuigh ar an meath-bhallach
agus ní fhaca tú ariamh ach a raibh de dhriúillíní in aice leis an muráite
a raibh muid ann. Má bhí ní iasc a bhí ann. Dheamhan priocadh a fuair
muid ó lonnuigh muid ann nó gur fhág muid arís é / Droch-earradh
a bhí ann pé'r bith cá'r fritheadh é. Stuf glas mar a bheadh poitín ann
agus driúillíní ar a bharr leis an bhfiuchadh a bhí ann. Bhlais mé dó,
ach chaith mé amach arís é. Bhí blas an-scalta air / Má tá aon-
bhradán ag lonnú ann, feicfidh tú na driúillíní ar an uisce. Dar
príosta dá gceapainn go mbeadh, ní loicfinn choidhchin uaithe. Shaghd
-fainn í — shaghdfainn sin / Tá scair eangaighe curtha againn siar ins an
gcuisle. Ní raibh a shúil innte ar maidin, ach facthas dom go
bhfaca mé driúillíní ar an uisce in aice a droma indiu. Caithfidh muid a
tógáil anocht / Thuit sé le fánaidh ins an bpoll báidhte. Chuir sé cupla
driúillín aníos. Sin é a raibh faoi. Bhí a chorp istigh ins an snáth-mara,
faoi cheann coicíse nó trí seachtainí / Tá sí ag cur driúillíní
ar an lochán = tá an bháisteach ag cur súileogaí nó bobailíní
ar an lochán / Bhí 'chuile bhraon di cho mór agus go raibh sí ag cur
driúillíní ar an abhainn. Ba ghriodánta an bháisteach í. / Sin ráig
thóirnighe. Is mór na braonacha iad buidheachas le Dia. An bhfeiceann
tú na driúillíní atá siad a chur ar an uisce. / Creid mé dhuit ann
go mba báisteach í. Bhí mé ag breathnú amach ar an abhainn, agus níl aon-
driúillín dhá raibh sí a chur ar an uisce nach raibh cho mór le turnapa.
Ní raibh achar ar bith go raibh na srathachaí siúd sceithte. Dheamhan
claochmú a tháinig uirre go ndeacha muid a chodladh. D'eirigh mé maidin
lá'r na bháireach agus mo sháith iongantais. Bhí loch ann nach raibh ann ag
dul a chodladh dhom: an turloch mór siúd siar ó'n teach.

Griúillíní súighe = braonacha boga súighe, níos mó agus níos fliche ná "cúileogaí súighe" agus níos lugha ná "práibeanna" nó "práisceanna". [Bíonn g i leabaidh d in a thosach seo] /

"Tá griúillíní súighe ag tuitim ó mhaidin. Is cosamhail gurb é an aimsir fhliuch é. Ní bheidh ceo nach millfidh sé anois timcheall an teallaigh / Ní féidir seasamh chor ar bith ann, (: cur suas leis; "to tolerate it") ag a bhfuil sé a chaitheamh anuas de ghriúillíní súighe. Marach sin is ann a ghabhfainn ar cuairt 'chuile oíche beo, mar gheobhthá spóirt an tsaoghail mhóir ann ar N. Ach ní féirín do dhuine a bheith ag imeacht agus a bháinín in a phéist an dá shúil dhéag aige. / Buaileadh griúillín súighe anuas díreach ar choincín na sróine orm: dhá mba urchar é, ní fhéadfadh sé a bheith a dhath ní ba dírighe. / Níl leabhar ná páipéar ná ball éadaigh faoi chaolachaí an tighe nach bhfuil millte ag griúillíní súighe atá anuas is 'chuile áit. Bhí aige bhrat tuighe a chur ar an teach siúd. Dheamhan stráca a chuaidh air le deich mbliana. Is beag an dochar dhó a bheith faoi shúige féin scáth an áird atá aige air. Ba saoire dó an teach siúd a strachailt anuas ar fad anois, agus slinn a chur air, ná a dhul i gcleitheamhnas díon agus caoi a chur air mar atá sé. Ar aon-chor caithfidh sé ceann nuadh as an bpíosa a chur air. Níl rata ná taobhán ag gabhail leis siúd nach bhfuil lobhtha / Bhí sé in a shuidhe ar an teallach an oíche cheana, agus an threabhsar geal siúd a thug sé as Sasana air. D'fheicfeá 'chuile phuínte é ag cuimilt, faitíos go lonnóchadh donóid (: deannóid) ar bith shalachair air. An chéad-rud eile a mhic ó mo chroidhe, thuit dhá ghriúillín súighe anuas in éindigh: ceann ar 'chaon ghlúin de'n treabhsar. B'fhada a chaith sé ag breathnú orra gan ceo ar bith a dhéanamh. Ag tabhairt ionbhadh dóibh go dtriomuighidís a bhí sé b'fhéidir. Ach dheamhan a fhios agam.

"Céard iad sin" adeir N. faoi dheire. "Griúillíní súighe" arsa seisean go mí-chéadtach. Thosuigh N. ag déanamh bean mhaith di féin dhá chuimilt len a naprún. 'Sé an chaoi ar leathnuigh sí amach uilig in a phráisc ar fud a threabhsair é! / Deir tú le griúillín súighe a thuit síos in mo chuid tae annseo ar ball, agus mé dhá ól chois an teallaigh. Shíl mé ar feadh i bhfad gurb é blas an tae é, mar níl a fhios ag na daoine cé'n blas atá ar tae anois. Ach is gearr gur thuit griúillín eile ar mo láimh.

Sin é an uair a bhrath mé gur súighe a bhí mé a ól i leabaidh tae.

Ach chreidim gurb aon-chás amháin é. Níl mórán maitheasa ag an leithscéal tae atá muid a ól, ar shúighe. /

Dúlaidhe — aidiacht as dúil

dúlaidhe = tóramhail; sanntach chuig … ; tnuthán le … ; tugtha do … ; antlásach chuig …

[dúlaidhe ins an … , nó dúlaidhe chuig (: ag) … Ní féidir dúlaidhe ar a rádh]

Tá sé dúlaidhe ins an bhfeoil = tóramhail ar fheoil; sanntach chuig feoil /

'Sé atá dúlaidhe ceart ag (: chuig) an bpórtar / Is minic a chonnaic mé duine a bheadh i bhfad in a throscadh dúlaidhe imbeatha an uair a gheobhfadh sé leigean uirre; ach maidir leis siúd chaithfeadh sé go raibh sé in a throscadh le mí. Leagadh pláta feola agus gabáiste in a mhiainis. Dar mo leabhar agus má bhí unsa ann, bhí punt go leith go réidh ann: fuair sé a mhug bainne reamhar, a bhulóg aráin mar deireadh N. Ph. agus "taypot" tae. An uair a d'altuigh sé an biadh ní raibh an oiread ar an mbord — ní dhá mhaoidheachtáil air é! — agus a shluigfeadh dreoilín. Cé'n bhrigh ach an rud adubhairt sé i dtosach: "is beag é m'fhoghail ar an mbeatha le goirid — is beag sin." Dar láthar Dé dubhairt. Is fear é a fuair anshógh le mí: sin nó tá an ghearradh ghionach faoi'n bputóig aige. Ní fhéadfadh a athrú a bheith air agus cho mór-thráthach agus atá. "Go meaduighidh Dia 'chuile shórt ar fheabhas agaibh" adeir sé. "M'anamsa muis nar mhór dó méadú an aráin agus an éisc a dhéanamh sáthach minic, dá dtugadh mo dhuine faoi deara dhó fhéin tarraingt ag an teach againn. Mara ndéanadh is gearr nach mbeadh mórán ar fheabhas againn / Bhí sé an-dúlaidhe ag na bhruithneoga 'chuile lá ariamh. Chaith mé fhéin agus é féin seachtain ag baint fhataí fadó ag J. thíos ag an gcladach. Dheamhan lá dhá n-eirigheadh air nach róstadh sé trí nó ceathair de bruithneogaí ar an leic ins an D. Ghreamuigh an faisean dó ariamh, is cosamhail / Nach dúlaidhe anois a bhí sé ag an bpíopa agus lá annseo an t-am nach raibh aon-tobac le fáil in áit ar bith, gur bhuail sé suas treasna na h-easca go B. Chuala sé ag duine eicínt — duine eicínt a bhí ag séideadh faoi 'ar ndú — go bhfuair J. Ph. punt tobac as Sasana. Dheamhan méir a bhain sé dhá shrón gur bhuail sé isteach aige idir chlár agus chuinneoig. Is suarach an blas déarfainn a fuair J. Ph. air an uair a chuala sé céard a chas an bealach é, agus é féin ag imeacht agus an dúthruach céadna air cheal tobac / Tá sé an-dúlaidhe go deo leis na "feaigs". Ghoidfeadh sé aníos as do phóca iad. Is mór an díol truaighe é scaithtí ag imeacht ag creinneadh

bunannaí fóthannáin an uair nach mbíonn aon-ghail aige. An té a bheidheas ag obair in aice leis, sáróchaidh sé é. Ná bac le sárú a dhuine. Chaith mé cupla lá ag baint raithnighe i mbliana thíos ins an mB. Bh. agus rinne sé casán dearg anoir agam (: chugam). Ní bhíodh mogal agam féin ag an dó dhéag a' chlog ins an ló. Níl a fhios agam cé againn ba mhó díol-truaighe trathnóna — eisean nó mise / Bhí sé cho dúlaidhe sin ag an bpionta, agus gurbh é an pionta a thug giorrachan saoghail ins an deire dhó. Chuir sé a shúil thar a chuid. Thiar ar bhainis J. B. … D'ól sé an oiread agus gur thuit sé faoi bhealach ag teacht abhaile. Fritheadh stromptha ar maidin é. Níor mhair sé ach trí nó ceathair de laetheantaí in a dhiaidh … 'Sin é a chuir an bhail ghránna air féin go ndéanaidh Dia grásta air! / Iasc — Iasc ar fad. Ballach nó bradán nó an ribe ribe róibéis féin mara féidir leis a malrait a fháil … Tá É. bocht an-dúlaidhe ins an iasc. Níl aon-lá dá dteigheann sé chuig an D. nach cinneamhaint air críochnuighthe é nó gheobhaidh sé breac. Ní réidhtigheann sé annsin go h-am suipéir é. Fasair fhataí leis go gcuiridh sé ceas air féin leo ag dul a chodladh dhó … Dheamhan smid bhréige adeirim leat. Sin é a bhuac / Is cuma ins an diabhal leis siúd é ach an fheoil. Tá sé an-dúlaidhe go h-éag ins an bhfeoil. Faghadh sé gríscín ar bith feola ins an ló, agus sin é a chothú. Tá déanamh d'uireasbhaidh 'chaon tsórt eile aige. Má bhíonn neart feola le fáil dheamhan an miste leis siúd dhá mbeadh gan aon-ghráinne tae a bheith idir é agus Ameriocá. Is air nach bhfuil sé ag goilleadh mo léan / Nach maith dúlaidhe anois atá sí ins na "sweets" agus nach mbíonn aon-oíche beo, dhá mhéid ná dhá dhonacht dhá mbeidh sí, nach dtiocfaidh sí anoir tigh Th. le luach scillinge aca a cheannacht. Siad an suipéar iad a chaitheas sí. Choinneochadh 'chuile sórt eile ó chodladh í, adeir sí. Sin í an mhagarlach bhradach agad. Dá mbadh mise a fear thiubharfainn "sweets" ar an ngoile di. An pleota! I leabaidh breith ar an scilling sin agus bualadh anoir agus a phionta a ól go breagh gnaoidheamhail léithe mar a dhéanfadh fear! / Nach maith dúlaidhe anois a bhí sé ag dul in a éadan agus gur eirigh sé suas ó'n a dhinnéar agus go (: gur) b'sheo amach é gur ionnsuigh sé ar an mbóith-rín é. Ach chlaon sé uaidh in a dheidh sin an uair a chuir an ceann eile stiúir

achrainn air fhéin. Ní raibh ann ach cailleach th'éis (: tar éis) a chuid gláimh-théisce. Sin é an méid / Tá an geadamán céadna an-dúlaidhe ag achrann. Sílim go mb'fhearr leis ag cothuigheacht troda ná ag ithe an bhéilí is fhearr a leagadh chuige ariamh. Ach leig sé faoi go mór ó a bhuail P. C. an bhliain cheana é. Mhúin sin é. Tá a fhios aige ó shoin nach bhféadfaidh sé eirghe i mullach na ndaoine mar a ghníodh sé roimhe seo / Ná bac le duine ar bith atá cho dúlaidhe ins an bpoitín agus atá sé sin. Ní éadáil mhór é an poitín céadna len a ól in a bheagán i bhfad ó chéile, ach ní thóigeann seisean cloigeann ar bith as. Béidh a shliocht air. Tá an poitín indon a phléidh leis freisin, ná le fear ar bith a bhéas dúlaidhe ann / Níor chaith sé aon-ghráinne tobac ariamh ach tá sé an-dúlaidhe ins an snaoisín. Is mór an ghráin é. Ní fheicfidh tú in áit ar bith é gan an bosca salach sin tarraingthe amach aige, agus smaois cho ruadh air! / Meastú céard is cor do Phat bocht chor ar bith ar an saoghal seo. Diabhal mé go mba bharamhail (: greannmhar) é céad slán dó. An dteagann leitir ar bith uaidh nímé? Tá sé i Sasana igcomhnuí. Hébrí cé'n áit a bhfuil sé, tá sé dúlaidhe ag na mná igcomhnuí. Bí siúráilte go b'é (: gurb é) atá. / Ara muise siúd é an t-aen céadna atá dúlaidhe ann. Cho tréan in Éirinn agus a d'fhéadfá a thaoscadh chuige, thaoscfadh sé uait. Chonnaic mé lá aonaigh annsin thiar é. Dar brigh an leabhair an fhad agus a chaith mé féin istigh, d'ól sé a chion de naoi mbéiléiste, má's beag mór a d'ól sé romham ná in mo dhiaidh … Sin é an bealach atá leis: ag imeacht ag súdaireacht in áit ar bith a n-aireochaidh sé aon-cheo ar foghnamh. Fhobair scéal a bheith aige air, thoir ar bhainis J. Sh … Bhí muintir an tsléibhe ag dul dhá strachailt ó chéile. 'Siad a bhí dúlaidhe go leigtí aige iad / Deir siad go bhfuil sé dubh-dhúlaidhe ins an "gcoffee" seo. Ní thiubharfadh sé bolg ar tae len ais. 'Chuile lá ariamh, bhí galldachas eicínt ag siubhal leis an dream céadna nach mbíodh le aonduine. Nach bhfuil a chomharthaidheacht len a chois. Phós aint dhó — M. Th. — "black" i Meriocá … Chonnaic P. se'aghainne é. Bhí sé ag caint leis. Dubhairt sé go raibh béal air — slán an tsamhail — mar bheadh fonnsa bairille ann. D'imigh leo in áit eicínt thart amach i Meriocá. / Is dóigh gur fadó cheana nachar ól sé aon-deoir tae agus cho dúlaidhe ann agus a bhí sé. Líon mé an muigín dó go buinne bruach ach má líon féin ní raibh aon-fhuighleach in a dhiaidh … Tá an náire caithte igcártaí ar an saoghal seo /

díogáil, díogáilte (gíogáil, gíogáilte freisin)

díogáil = briathar. Díogáilte an t-aidiacht-bhriathar as díogáil.

[Fuaim g tosuigh is mó a bhíos le fairrge. d tosuigh faoi na sléibhte — Muigh Cuilinn agus Gnó Mhór agus isteach le Loch Coirib]

Díogáil = rud a dhéanamh suas go deas, a fheistiú, a réidhteach, a phuint -eáil, a sceacháil, a bhearradh, a shlíocadh, a chíoradh, a dhéanamh slachtar, a dheisiú; "making it tidy and neat".

Díogáilte: déanta suas go deas, feistighthe, réidh, sceacháilte, slamtha, cíortha, slíoctha, deisighthe, puinteáilte.

Gíogáil (: díogáil) amach thú féin l'aghaidh (: le h-aghaidh) na bainse = feistigh; réidhtigh amach thú féin. Cuir do chuid éadaigh ins an gcruth nach mbeidh siad liopastach ar bhealach ar bith. Ná bíodh bunchleite isteach ná barr-chleite amach ionnta. Ní chialluigheann sé, pé acu sin é, gur call do'n éadach a bheith galánta ná ar foghnamh, ach é a bheith puinteáilte mar atá sé / Ní fhaca tú a leithide de dhíogáil ar phóilí ariamh agus a bhí air sin ag imeacht dó. Bhí scoilte cho díreach le gró in a chuid gruaige agus mara raibh sé bearrtha, ní lá go maidin é. Agus an "glass" a bhí in a bhróga, bhainfeadh sé an t-amharc as do shúile. Níor ba thaise len a dhrad óir é ach oiread. / Caitheann na saighdiúir sin an-ghíogáil a choinneál ar a gcuid éadaigh i gcomhnuí. Breathnuighthear orra 'chuile mhaidin, agus má bhíonn bun-chleite isteach ná barr-chleite amach ionnta, faghann siad garbh é. Níl aon-fhear in do thír narb é a leas seal a chaitheamh ins an arm. Bhainfeadh sé an mío-stuamacht asta ar chuma ar bith, baineadh sé tada eile asta nó ná baineadh / Tháinic fear amach chugam as botháinín — bráicín beag — a bhí ann agus é cho gíogáilte bearrtha le easbog. Fhobair mé a fhiafruighe dhó (: dhe) cé'n chaoi ar ghíogáil sé é féin cho maith in a leithide de bhotháinín, ach leig mé tharm é. Déarfainn go mbadh fear é a thiubharfadh cnap de dhuine sáthach gasta / Ar chuala tú ariamh faoi'n gcailín Domhnaigh. Sin í an cailín Dhomhnaigh ar chaoi ar bith: dhá díogáil agus dhá déanamh féin suas ó mhaidin go faoithin. Ní hé an feisteas a fheiceas tú ar maidin uirre a bhíos uirre trathnóna. Ba chóra di go mór a mhaisce, luath bhuidhe na seachtaine a chur de'n teallach ná bacadh len a cuid cóirí catha agus "coatyárms" (: coat of arms). Dhá fheabhas dá shaothruigheann sí é, tá sé ag cínnt uirthe aon-fhear a

a fháil in a dheidh sin / Má's leat fanacht leis sin tá faitíos orm go mbeidh an deireannas ort. Nach bhfuil fhios agad cé hé sin. Caithfidh sé an lá dhá dhíogáil agus dhá shlíocadh féin. An uair a bheidheas uair d'oíche ann feicfidh tú é ag teacht amach agad (: chugad) in a phéacóig. / Níl fear ar bith is puinnteáilte ná é. Caithfidh sé seachtain anois ag cur díon ar an iothlainn sin, agus dhá díogáil agus dá sceacháil nó nach mbeidh bun-chleite isteach ná barr-chleite amach innte! Sé a chuaidh le P. Ch. ceart. 'Séard a bhí a dhéanamh anois an uair a bheadh sé réidh agus na claidhtheachaí biorruighthe aige, brúisc a leagan ann oíche eicínt agus asail T. a scaoileadh isteach innte. Bheadh ath-obair air annsin ag díogáil aríst / Tuigheadóir mar siúd! Gíogálann sé ceart go leor an tuighe. Ná h-iarr in a dhiaidh é. Ach cé mhéad stráca a chuireas sé ins an ló. Sin rud eile / Beidh sé leis an tuighe sin anois dhá díogáil agus dhá bearradh agus dhá cíoradh nó go mbeidh sí ar deil aige / Caithfidh mé a dhul ag gíogáil cupla baibín le cur i gcíor an tighe. Tá báisteach anuas díreach le h-ais an mhaide mullaigh. / Is maith a dhíogáil sé an coca féir údan aige th'éis dhá lá a chaitheamh leis! Tá leidhbeanna agus straoill-eoga agus suip amach as is 'chuile áit. Shílfeá gur cearc é a mbeadh an galra cleiteach uirre. / Ní mór daoib an buinín féir sin thiar a dhíogáil as láimh agus cupla súgán a chur faoin a mhullach. Beidh sé in a dhórtadh roimhe thrathnóna / Ní dhéanann sé a dhath ariamh anois ach ag giotamáil timcheall an tighe agus ag gíogáil na bhfálta siúd aige le deimheas. Níl a fhios agam an bhfuil an duine bocht in araidheacht mórán thairis a dhéanamh. Tá a chuid maitheasa ar iarraidh sílim / Bearrfaidh sé agus slíocfaidh sé agus gíogálfaidh sé é féin seacht n-uaire shul má thiocfas sé amach ag an Aifreann. Níor bhfuláir dó an tseachtain ar fad le é féin a dhéanamh suas. Ach 'ar ndú' caitheann sé an tseachtain leis ar scáth eile a ndéanann sé / Is deas an phlanndóigín d'inghin atá aice an uair a ghíogálas sí amach í féin. Níl aon-mhéid innte, ach mara bhfuil féin tá an téagar agus an deiseacht innte. Is fearr beag deas ná mór gránna / B'éigin dom na cearca fré chéile a dhíogáil indé. Ba mhór an ghráin iad timcheall tighe agus cho cuiltheach agus a bhí siad. / Deir siad muis go bhfuigheadh sé seo thuas an "pradhas" ar an teach is deise marach coileach mór ruadh cuiltheach le T. Ph. a bhí ag bordáil timcheall an tighe aige agus an bhean a bhí ag meas ann. Ó a bhí faisean ag an gcoileach bordáil anuas ar a chuid cearc, is dona a chruthuigh

sé nar ghíogáil freisin é i dteannta a chuid féin … 'Ar ndú' dhá ndéanadh, sháithfeadh T. Ph. é. 'Sé a chuir as a chuid airgid é / Istigh ag bearradh agus ag díogál chearc a bhí sí romham. 'Sí atá puinteáilte má's fíor di féin. Bheadh 'chuile chleite ag gabhail leo ar sliobarna ar an gcuid se'aghainne, agus dheamhan díogáil a dhéan(f)aí orra muis / Tá sí sin cho leitheadach, cho suimeamhail le cut a mbeadh póca air. Caitheann sí uair an chluig ag gíogáil agus ag "bruiseáil" ("brusheáil") na cloinne 'chuile mhaidin roimh an scoil. Dhá bhfeictheá an suachmánn siúd a mbíonn an coiléar air, thoir ar an mbóthar lá imbliana, agus gasúr le M. Ph. Sh. dhá phlionncadh. Is gearr nach geal a bhí an coiléar ach dearg — dearg len a chuid fola. Chuaidh sí féin ag an scoil, agus ag an mbearraic faoi, lá'r na bháireach / Tabhair gíogáil bheag ar do chuid gruaige agus ná bíodh an cloigeann stuithneach sin agad ag dul amach in aon-áit. Céard adéarfas an tír ach gur sraoill thú agus beidh sé le rádh aca / Tá siad ag díogáil an tighe ar an aimsir seo faoi chomhair an tsagairt. Is ann a bhéas sé imbliana. Chuir sé féin stróic mhór thuighe ar an teach an tseachtain seo caithte. Tá siad le spiarradh nua a chur istigh ann freisin agus leis an simléar caolaigh a chaitheamh anuas in áit nach bhfuil tarraint ar bith ann le goirid … ní gan uí gan ó sagart a chur amach as teach ach oiread / Bhí sé gíogáilte ag dul siar adeir tú … Tiubharfaidh S. Ph. Ph. gíogáil air deirimse leat má bheireann sé siar thar Árd na gC. air. Sin é an buachaill aige. Ach ní bhaileochaidh sé Árd na gC. Tá a fhios aige féin go maith céard atá thiar roimhe. Diabhal cos an fhir thiar nach ngiorróchadh leis, dhá bhfuigheadh sé leigean ar bith air / An bhfuil a fhios agad an áit deire a bhfaca mé é féin agus a chuid cóitíní: thuas i mullach carr féir agus é dhá ghíogáil thoir ar an bhFaithche Mhóir. Bhí mo choinsias, agus 'sé a bhí cruadhógach. D'fheicfeá a ioscadaí agus a mhásaí leath-mhíle uait, in áit a raibh stolladh maith ann. Bail an diabhail air nach gcaithfeadh na strioch -láin (: streachláin) siúd dó (: de) agus feisteas gnaoidheamhail eicínt a chur air féin / Tá mná thuas againn muise in éadan "turkeys": dhá ngíogáil amach le h-aghaidh an mhargaidh amáireach. Deir siad go bhfuil siad tuithte imbliana agus gur beag an bhlaodhach atá chor ar bith orra. / Tá sé gíogáilte puinteáilte aige, ach is beag an dochar dhó. 'Sé an coca feamainne sin maith a sheachtaine. / Bhí sé cho maith dhuit anois go díreach a dhul siar agus an chrích dhriseachaí sin thiar a dhíogáil, leis an gcruaich sin. Beidh sí in a trasarlach ag asail faoi

cheann dhá lá pébrí (pé'r bith) cé'n smál atá orainn thar an tír, go bhfuil cion ag 'chuile rud ar 'u' (: ar) gcuid / Tá sé cho díogáilte (: giogáilte) le eireoig = tá sé cho gíogáilte le ubh eireoige = déanta suas, puinteáilte, sceacháilte mar a bheadh sicín bliana nó a h-ubh. Bíonn an eireog mín sceacháilte as a cuid cleiteadhacha agus as a cuid clúmhaighe. Ní bhíonn an galra cleiteach uirre / Bhí sé dhá bhearradh agus dhá dheisiú féin nó go raibh sé cho gíogáilte le eireoig / An bhfaca tú fear ar bith a bhíos cho díogáilte leis, an uair a bhuaileas sé amach? Bíonn sé cho díogáilte leis an eireoig / Ní bréag "Doll" a thabhairt air agus cho gíogáilte agus a bhíos sé i gcomhnuí. Ní dhéanfaidh mé dearmad go deo de'n lá ar bhaist M. idtosach air é thiar ar bhóithrín an T. Spréach sé. B'éigin do M. imeacht as an mbealach nó speirfeadh sé é — speirfeadh a mh'anam. 'Sé an "boss" a fuair an spóirt air, an uair a chuala sé é / Chonnaic mé an saighdiúirín seo thoir ag M. ag dul siar indiu agus é cho gíogáilte le eireoig. 'Sé a shaoghal atá ann. Ó thosuigh an "Local" [: L.S.F] tá daoine ag imeacht gíogáilte deirimse leat. Feicim na cultacha ag imeacht ar dhaoine anois, nach(ar) facthas amach as an luaith ariamh / D'fhéadfá a rádh gurb é atá gíogáilte ag imeacht. Agus an láimh thuas i gcomhnuí aige faitíos a mbeadh cuileoigín chlúmhaighe ná donóid shalachair ar a chuid éadaigh. Is fiú dhó. Sin é a bhfuil ar a aire. Dá mbeadh cúram gort agus garrdha air mar atá air thuille mise 'mbannaí dhuit gur beag an díogáil a bheadh aige air fhéin. Ach is mór is feicthear do'n diomhaointeas arsa tusa / Is dóibh is furasta a bheith díogáilte. Ní comártas (: comórtas) ar bith dhuitse máistirí scoile ná póilíos: dream a fhéadfas leath an lae a chaitheamh dhá ngléas féin. Ach an té a chaithfeas a bheith thíos i gC. an U. leis an dearg-mhaidin ag sciobadh feamainn dearg (: ní bhíonn aon-tuiseal geineamhnach ar an gcuingir fhocal sin "feamainn dearg"), bíonn rud ar a aire thar agus a bheith dhá dhíogáil féin. Tá an obair sin ceart go leor Dé Domhnaigh, ach ní fheileann sí Domhnach agus dálach. Má fheileann, ní do'n talmhuidhe é / Ní choinneochadh a dtáinig ariamh na cearca céadna giogáilte. Is mór an chéim iad. Ní túisce galra cleiteach dhaob (: díob) ná orra arís. Agus bíonn siad i bhfastós indriseachaí agus ins na crígheannaí sin siar 'chuile ré soluis. Dheamhan mo chos-sa a bhacas leo chor ar bith anois: cead aca fanacht gan díogáil. Chiapfaidís an té a thiubharfadh áird orra / Tá an coca sin sáthach díogáilte anois. Níl tú ach ag

cur anró ort féin dhá dhíogáil sin, arae is gearr gur in a phlaicín gabhair
a bhéas sé mar a bhí sé anuiridh. Ní bheadh aon-mhaith dhuit ag caitheamh
do theanga leis an muintir atá annseo. D'eireochaidís i mullach a bhfuil
d'fhéar ag M. M. T. Uí R. agus bíodh sé aca. Sin é a gcuid sleamchúise /
Teirigh suas 'na phortaigh agus bíodh na guigíní agus na dubhacháin siúd a thóig
muid an lá faoi dheire gíogáilte suas agad ach a sroichidh mé féin
suas amach ins an lá. Bhí beithidhigh Sh. ag ruadhruach ann le teasbach
indé agus nach bhfuil a fhios agad go maith gur chuir siad cuid aca
in aer. / Is deas teoluidhe an teach atá aige anois. Tá brat nua díon
aige air agus an tuighe cho diogáilte le eireoig air. Déanann
sé ionú (: ionbhadh) ceart len a chuid oibre, agus bíonn a shliocht air:
bíonn sí slachtar in a dhiaidh hébrí céard a dhéanas an mhoill / Bhí
mé ag breathnú istigh ag an Aifreann indiu air. Tá a chloigeann cho
bearrtha cho díogáilte aige. Agus tá plait in uain a chinn, agus na cupla
ribe fada atá ar 'chaon taobh di slíochta sall (: anonn) ar an bplait
i riocht agus nach mbeadh sí le feiceál. 'Sé atá deisighthe go deas aige. /
Diabhal mé mara mbeidh bean anois ach ag dul siar cho fada leis an
siopa ag iarraidh únsa tobac, go mbeidh sí cho gíogáilte agus a bheadh an
bhean a bheadh ag dul amach dhá phósadh roimhe seo. Is beag is ionann é.
An iomarca díomhaointais atá ar mhná an tsaoghail. Níl blas ar a n-aire
ach a bheith in a gcuaillí annsin ó mhaidin go faoithin dhá ndéanamh
féin suas. Deirimse leat dá mbaintí siar asta é mar bhaintí roimhe seo
go (: gur) beag de'n cheird sin a bheadh orra / Bhí sé ag brath air bualadh
faoi bhaintreach óg atá thoir i mB. agus í cho gíogáilte amach
agus a bheadh eireoig ar a céad uibh. Chonnaic sé lá i nG. í, agus chaith sé leath-
uair ag breathnú uirre. Bhíomar thiar ag ól deoch tigh Mh. Ph. trathnóna
"Céard déarfá leis an mbaintri(gh)" adeirimse. "M'anam go sílim go bhfillfidh
mé ar cheann gan chíoradh" adeir sé. Chuir an bhaintreach scáth air / Bhí a
fhios agam go raibh an bás air an lá a bhfaca mé ag dul soir tharm annseo
é, gabhtha gléasta gíogáilte suas. Dheamhan amach thar an dorus a chuir
sé a chois leis an tsíorruidheacht roimhe sin. "Tá luadar eicínt fút a
bhuachaill" adeirimse. D'ól sé an-fheánnach fuisce an lá sin. An chéad rud eile
a chuala mé féin go raibh sé ar na maidí. Rámhailltí an bháis a thug amach
an lá sin é. Dheamhan a athrú! /

dairt — ainm-fhocal; buineann; iolraidh = dairteachaí, dairteannaí

dairt = caorán; scrath; fóideóg nach mbeadh ro-chruadh ach a bheadh tirm go h-iondamhail; dóid; fód; cnapán. [Ní thiubharfá dairt ar chnapán sneachta, muna mbainteá scraith as an talamh agus an sneachta uirre]

Bhuail sé dairt orm; bhuail sé de dhairt mé; chaith sé dairt liom / Bhí siad ag caitheamh dairteachaí ar an bportach agus is beag nar bhain siad na súile as a chéile = ar phortaigh a bhíos caitheamh dairteacha go h-iondamhail / Rinne siad dhá chomlán — an baile seo agus B. — agus thosuigh siad ag caitheamh dairteacha le chéile. Dar fiadh chuir an dream se'aghainne indiaidh a gcúil iad agus leanadar cho fada leis an sruthán iad ag caitheamh leo igcomhnuí. Badh é an cath ba mhó é a chonnaic mé ar phortaigh ariamh in mo shaoghal / Ní sheasfadh aon-duine beo thuas ann ach a dtosuigheann na dairteacha dhá gcaitheamh. Is contabhairt é go mbainfidís an tsúil amach as do cheann. / Chuaidh siad ar chaitheam dairteacha in am dinnéir thuas ar an sliabh an bhliain cheana. Chuir siad N. le cuthach. D'eirigh sé faoi dheire agus faoi dhó (: dheoidh?) agus lean sé iad. Ach dhalladar é le na dairteachaí. Níor tháinic táiraidhm (: táirm) ar bith orra go dtí sin. Bhí sé ag uallfairt le teann droch-mhúineadha. Sin é an uair a tháinig clann Ph. agus Sh. anoir. M'anam nach raibh aon-dairteachaí ann uaidh sin amach, ach na h-ailt. Dhonuigh T. Sh. mac Sh. Chuir sé síos ar a bhéal agus ar a fhiacla i mullach píce trí ladhar a bhí sáithte ins an mbínnse é. B'éigin an dochtúr a thabhairt ann ar an toirt boise. Bhí sé ag cur fhola in a srúlaí: i gcruthamhnas dhuit mar adeir an fear fadó an uair is fhearr an sogradh gurb eadh is fhearr leigean dó / Tá a shúil ins an meath chéadna anois le trí bliana ó buaileadh dairt air thuas ar an bportach. Ceann cruadh a bhí ann. Níor leig an té a chaith é ná aon-dhuine dhá chineál, tada as a láimh ariamh ach le gangaide. Dhúin súil Ph. d'aon-iarraidh. Chuaidh sí 'un óthrais. Chaith sé scathamh ins an aspuicil (: oispidéal) léithe ach dheamhan mórán maitheasa a rinne siad dó annsin ach gur fhuaruigh siad an phian air. Tá clúdach aige uirre i gcomhnuí. Is maith an t-ádh atá air má bhíonn aon-amharc aige aríst go bráth innte. Dá leanadh sé amach mac Mh. fúithe thiocfadh sí daor air. Ach ní leanfadh. Tá sé ro-réidhchúiseach an duine bocht / Má eirighim agad criogfaidh mé thú le dairt. / Bhuail sé de dhairt mé agus dá n-eirigheadh sé leis ar an tsúil, dheamhan thiomanta súil a d'fhágfadh sé istigh in a

cheann leis. Tá an t-urchar cruadh aige sin. Nach bhfeiceann tú an teannadh a chuireas sé le 'chuile shórt a chaitheas sé / Is deas iad do chuid dairteachaí. Nach gruadháin de chlocha atá tú a chaitheamh. Ní spóirt ar bith an tsúil a bhaint as duine. / Má thugann sé siúd dairt ar an tsúil duit, beidh cuimhne agad air / Ní comórtas ar bith do bhuachaill óg a dhul ag caitheamh dairteachaí le malraigh nach bhfuil bliain as an gcliabhán fós — tada leis. Teigheadh sé dhá gcaitheamh len a chomhaoiseacha féin, is é is córa dhó / Níl neart ag duine a dhul an bóthar aca, nach bhfuil cluiche aca amuigh roimhe, len a dhalladh le dairteachaí agus le clocha. 'Siad na h-údair iad. Is maith an tógáil atá sé a thabhairt orra — gan smacht gan ceannús ceann / Bhí mé ag teacht anoir as an oíche cheana, agus ní fhaca tú aon-ghábh ariamh mar a ndeacha mé ann. Bhí a raibh de ghasúir uiliog ar an mbaile faoi réir faoi mo chomhair ag bóithrín na bF. agus bhí mé do mo chaidhleadh le dairteacha aca, as sin anoir go dtí an gleann. Níor caitheadh cloch na miarthóig (: méaróg) liom gan "doubt". Ó a fuair mise an gó sin tharm, tiocfaidh uisce le fánaidh aríst shul (d)á fheicfear mise aríst i mbaile Bh. / Ó a thosuigh corr-dhairt dhá chaitheamh leis thug sé cúl duinn ar fad. Níor thaobhuigh sé an teach le tuilleadh agus ráithe. Is beag le beannú dhom a dhéanas sé anois. Ní leigfeadh sé isteach in a cheann cor ar bith nach mise a chur suas le na scurachaí a dhul ag caitheamh dairteachaí leis / M'anam muise ó a chuaidh sé ar chaitheamh na ndairteachaí go bhfeicfidh tú mara bhfágtar an caitheamh faoi fhéin ar fad go (: gur) gearr gur ar chaitheamh na gcloch a thiocfas sé. Ní fhaca tú ó rugadh tú an té is lugha acmhuinn grinn ná é sin. / B'uathbhás iad na dairteacha a bhí ag dul amach thar an mullach agam. B'éigin dom imeacht ar mo chromadadh istigh faoi'n gclaidhe gur bhailigh mé suas an Ch. nó sciochaidís an cloigeann dom (: díom). 'Chuile eallach i mbaile ach na diabhlánaigh sin. Tá marbhú duine orra / Bheadh an scéal ceart go leor dá mbeithí taobh le dairteachaí a chaitheamh, ach seachain nar caitheadh clocha freisin. Ní thrustfainn A. Ní miste leis sin ins an gcatmara é, ach duine eicínt a dhonú. Streille gáire a chuirfeas sé air fhéin annsin.

Is olc na gnaithí atá ar dhream ar bith a thiocfas i gcleitheamhnas a dhul ag déanamh spóirt ins an áit a mbeidh sé sin / Is dona a thaithneochadh sé leis féin dairteog a bhualadh ar an leiceann air. Mo choinsias dá mbuailthí ní i bhfad go mbeadh "leig amach mo mhullach" ann. Tá a fhios aghainn go maith cé hé / T. Sh. a bhí bonn ar aon leis, a bhuail de dhairt é. Bhí mé féin ag cinnireacht an chapaill in a ndiaidh aniar. Fios rúin ná soiscéil, ní raibh agham féin, go raibh sé ingreim múiníl ionnam. An faitíos is mó a bhí orm go scéinfeadh an capall. Marach sin dheamhan ar mhiste liomsa dhá mbeadh sé ag míoladóireacht go maidin liom. Bhí fabhairt in a shúil a mhic ó mo chroidhe thú. Is maith an scéal gur beag é a dhicheall. Ná bac le go gcreidfeadh sé nach mise a chaith an dairt. Ba bheag an baoghal air /

Bhí sé cho maith dhuit a bheith ag caitheamh dairteacha leis an ngealaigh le bheith ag iarraidh an chloch sin a phléascadh le ord. Púdar a theastuigheas uaithe = obair do-dhéanta é féachaint leis an gcloich sin a phléascadh le ord / B'fhearr dó anois go díreach glan a dhul ag caitheamh dairteacha leis an ngealaigh ná a bheith ag iarraidh ceart a bhaint de'n tsean-lánamhain sin. Lá agus gur chinn siad sin ar bhaile cheana, tá sé fánach aige-san a bheith leo. Agus dar fiadh bhí "set" ar an mbaile sin roimhe seo nach raibh ar fóghnamh. / Dhá dteightheá ag caitheamh dairteacha anois leis an ngealaigh, nó ag gabhail do chlocha ar do cheirteachaí, ba samhaoinighe dhuit é ná a cheapadh go mbainidh tú beatha amach ar na cupla giodán breaclaighe sin. Is maith an fáiteall bruic iad, ach maidir le bheith ag ceapadh go ndéanaidh muirín (muirghín) cúis orra, gan teacht isteach ar bith eile tharta tá sé fánach aca / Má bhíonn báirseach de bhean in t'éadan ó mhaidin go faoithin, b'fhearr go mór fada a dhul ag caitheamh dairteachaí leis an ngealaigh ná do shaoghal a chaitheamh in a buil. Tá caitheamh agus cáineadh ar an té a imeochas uaithe. Bíonn sagairt ag cur dóibh agus mar sin, ach ní ag aon-duine atá a fhios é, ach ag an té atá in adhastar an anró é féin. Is gnaoidheamhla go mór a fágáil annsin i dtigh tubaiste ná clann a thógáil ag éisteacht leis an ropaireacht sin i gcomhnuí. Mar cuimhnigh go bhfuil mise dhá rádh leat an ceann aca a thosuigheas ar an gceird sin — go bhfuil sé de bheith uirre gan eirghe as dá dtugtaí an saoghal mór di. / Bhí sé cho maith di anois a dhul ag caitheamh dairteacha leis an ngealaigh le síleachtáil go gcuirfidh sí an oiread de'n dallach-dubh

air sin agus go bpósfadh sé í. Ní phósfaidh muise cho uain agus a bhéas
grian ag dul deiseall /
"Feac do ghlúin agus déan sléacht agus cuímnigh cé a chuir iasc ar linn.
Cuímnigh gurb é Rí na nGrást a rug buadh ar Fhiannta Fionn.
Bhí sé cho maith dhuit a bheith ag caitheamh dairteacha leis an ngealaigh siar
nó ag sníomh gádrachaí de ghaineamh trágha
Ná aon anam amháin dá bhfuil in Ifreann íochtair
A thabhairt as aríst go bráth" [As Argóinteacht Oisín agus Phádraig.
Ó m'athair a thóig mé é].
Is ag caitheamh dairteacha leis an ngealaigh dó é, a dhul ag saothrú an
riasca' údan. Dheamhan fata a thiubharfas sé go bráth dó, dá gcuireadh
sé a bhfuil d'aol i dtornógaí na h-Éireann air. Abruigheadh "fear na
bhfataí" a rogha rud. Cé'n scil atá aige-sin ann ach an oiread liomsa, a
leath-oiread sin féin! [: níl aige ann] / B'fhearr duit tosuighe ag caitheamh
dairteachaí anois leis an mbogha báistighe sin a fheiceas tú ins an aer ná
a dhul ag cur chomhairle air sin. Is measa é sin ná Mac na Mío-Comhairle.
Fuair Mac na Mío-Chomhairle grásta idir an stioróib agus an talamh, ach é
sin: mara bhfuil ag Dia níl indán grásta dhó go ndéantar dhá leith
glan-eascartha dhá mhuineál idtosach / Mara bhfuil aon-cheo eile ar t'aire
teirigh ag caitheamh dairteacha leis an ngealaigh nó leis an mbogha báistighe
má's fearr leat é / B'fhearr dhó a dhul síos annsin thíos ag an gcladach agus a
dhul ag caitheamh dairteacha le Condae an Chláir (Árainn agus rl.) ná a bheith ar
an gceird atá air. Ag réidhteach agus ag rómhar sean-chlochair annsin thiar, agus é ag
ceapadh go ndéanfaidh sé bun ar na cupla acra gágach sin. Dheamhan bun muise len
a loiseac / Mara bhfuil aige faoi dheire th'éis a chuid scoileannaí agus coláistí ach ag
breathnú indiaidh faochan, is dona a chuir sé a shaoghal. Deirim leat go mb'fhearr dhó
ag caitheamh dairteachaí go Conndae an Chláir ná a bheith ag fálróid thart, ag
forcabhás ar chupla buitín faochan a chruinneochas muintir an L. / Is túisce a
ghabhfainn ag caitheamh dairteachaí le Árainn ná a bhuailfinn faoi obair gan
tabhairt sin, agus gan a fhios agam cá'il mo luach saothair mar adeir an ceann
eile. Meas tusa a dtiocfainnse do mo mheath féin agus ag cur mo chuid alluis
ag iarraidh sean-mhóinteáin atá annsin suas a shaothrú — scáth chúig

phunt airgid. Nach mé atá adhartha, mar adeir fear an Achréidh. Is deacair a dhul ag iarraidh maitheasa ar dhream ar bith a shíleas go mbeidh aon-tabhairt go bráth ins an muing chaca sin /

Ní raibh ann ach caitheamh dairteachaí le h-ais an chogaidh seo = ní fiú caint air (: an cogadh deire 1914-1918) le h-ais an chogaidh seo; is measa go fada é an cogadh seo ná an cogadh deireannach; ní raibh goir ná gaobhar ag an gcogadh deireannach ar an gcogadh seo / Ara beannacht Dé dhuit, ní raibh ins an rud a bhí ann an uair sin ach caitheamh dairteacha, le h-ais na gCogaí a bhíos ann anois. Daoine a dhul amach ar aghaidh a chéile le claimhí, le sleaghachaí agus le tuaightí. 'Ar ndú, dheamhan deichneabhar a bheadh marbhuighthe seachtain. Is mó an t-ár a dhéanfadh "bomb" amháin anois ná a dhéanfaidís i gcaitheamh a saoghail. Seo é deire an domhain ach grásta Dé. 'Sé Cogadh an Domhain é: Cogadh na gCríoch a bhí tugtha síos ins an Targaireacht. Dheamhan ceo dhá raibh ins an targaireacht nach bhfuil istigh. Fainic thusa nach bhfuil / Ní tada an S. a bhualadh. 'Sé is fhearr in Éirinn ceart leor, ach céard í Éirinn? Ní raibh ins an troid sin ach caitheamh dairteacha le h-ais an cheann seo: má theigheann sé le M. / Go dtugaidh Dia ciall duit! Caitheamh dairteachaí a bhí annsin … bhuel b'ionann agus gurbh eadh. Ach an t-achrann atá mise a rádh; bhí dhá bhaile uiliog amuigh. Ceann aca ar cheann taobh de'n alt siúd atá ins an mbóthar taebh thiar d'Ard an Mh. Ba gheall le clocha sneachta iad na spalaí ag dul thart. Bhí mná agus gasúir freisin amuigh: 'chuile dhuine ó aois liath go leanbh ar na bailteachaí agus daigéad de chloch aige. Bhí muide ar an bhfascadh tigh Gh. agus feiceál againn ar fad air / Ní raibh annsin muise ach caitheamh dairteachaí nó go n-ionnsuighidh sí féin é. Deirim leat go dtiocfadh sé ó Sh. Thiubharfadh sé iarraidh dhó ceart go leor, ach ní dhéanfadh sé aon-troid thuatach. Ach í siúd! Is maith nach mór dó a bheith ar áirdeall féin nó cuirfidh sí an scian idir dhá asna ann. Tuilleadh ghéar de'n diabhal aige! Nach mór an spochadh a bhíos aige leo! / Ní raibh ann go dtí seo ach caitheamh dairteachaí nó go dteagaidh an firéad siúd ann. Tá sé cho maith do L. a sheolta a árdú go dtí padhar eicínt eile an uair sin. Chuirfeadh an firéad

dhá chrígh Mhuire thrín a chéile. Ní raibh dhá cheann an tighe sin ariamh gan a bheith thrí lasadh — ariamh ins an saoghal / Caitheamh dairteachaí a bhí ann arbhú aréir ar ghualainn na h-oíche aréir. Ó stop! Bhí sé in a bhruighshléacht ceart. Ní bhfuair mé an oiread cuideachta ó a rugadh mé. Bhí sé seo thoir ag sáruigheacht agus ní thuigfeá focal ins an gcéad uaidh le pislíní. Ní raibh duine ins an teach nach in a éadan a bhí aréir. An C. scaithtí ag teacht leis, agus scaithtí ag cur in a aghaidh, len a splanncadh tuilleadh. "Grounds" mhór atá ag an gC. / Is deacair P. a chorruighe. D'fhéadfá a bhualadh treasna an smuit agus dheamhan drúcht ná báisteach adéarfad sé leat, ach tosuighe ag gáiridhe. Ach mo choinsias 'sdar m'anam, an uair a bhíos sé corruighe nach bhfuil beart ar bith is fhearr ná fanacht uaidh. Níl ins an gceann eile ach caitheamh dairteacha ar a ghualainn. Ní ag bagairt a bhíos sé ach ag bualadh. Speirfead sé nó sháithfead sé thú, ar ionntú an tsuip. Is fiú é a sheachaint má bhíonn aon-challóid air. / Ní raibh ins an "bpassáil" (: scrúdú) sin ach caitheamh dairteachaí má's fíor dó fhéin, i gcomórtas an "phassáil" a chuaidh ar a mhac-seisean. Bhí Laidin ann agus Gréigis agus rud eicínt eile a dtugann siad Pat Tommy air … Sin é é — Botany. Pat Tommy arsa mise! M'anam dhá gcloiseadh Pat Tommy é dhá bhaint as a ainm, go bhfuigheadh sé faoi'n a foraí (: fabhraí) é, hébrí (: pé'r bith) céard a "phassáil" an mac / Ní raibh a dhul isteach ins na póilíos fada thar chaitheamh dairteachaí, i gcomórtas a dhul isteach ionnta anois. Dhá mbeadh caraidheachaí ar bith aghad an uair sin — duine ar bith adéarfadh focal ins an gcúirt duit — bhí leat. Ghlacfaí ionntu thú gan stróbh (: stró > stróbh i gcomhnuí i gcaint de bharr a bheith idir-ghuthaí i gcomhnuí bunáite) ar bith. Ach tá siad an-ghéar anois. Ní mór dhuit breac-fhoghluim mhór a bheith ort go nglacfaí thú. Nach ionnta atá saint ag 'chuile dhuine anois! / Tá caint an-chruadh i scéal atá ag M. C. Níl in Argóinteacht Oisín agus Phádraig ach caitheamh dairteachaí len a ais. Ní thuigfeá cuid de'n chaint siúd beag ná mór. Sean-liagáistí móra atá ag an gC. / Ní obair atá ar na bóithrí sin chor ar bith. Caitheamh dairteachaí atá innte i gcomórtas oibre. Chonnaic mise fadó an uair a bhí muid ag obair thuas ar an s., dhá dtóigtheá do cheann chor ar bith, gheobhfá bóthar abhaile. Bhí siad dubh-ghéar. Chonnaic mé meitheal ar fad — cho maith le scór fear — dhá mbriseadh in éinfheacht ann aon-lá amháin

faoi seasamh ag éisteacht le fear a bhí ag gabhail fhuinn. Ní raibh siad ala an chluig féin in a seasamh, an uair a díbrigheadh abhaile iad / Bhí sé ag baint dairteacha ag an scéal = bhí sé ag baint fóideogaí ag an scéal nó ag baint spreabannaí ag an scéal = ag tarraint an scéil anuas; ag trácht ar rudaí ar dhóigh dóibh an scéal nó an cheist a thabhairt ar chlár na h-imeartha; ag stócáil, ag téisclim, nó ag réidhteach an bhealaigh do'n scéal nó do'n cheist. / Tharraing sé anuas aonach na Gaillimhe. Dubhairt sé go raibh an-imeacht ar chaoirigh, agus go mb'fhiú cion a bheith orra anois. 'Sé an chaoi a raibh sé ag baint dairteachaí ag an scéal eile: ag súil go dtairgfeadh S. na moilt siúd a cheannacht arís uaidh. Leigfeadh sé uaidh anois iad ar an méid a thairg sé dhó mí ó shoin. / Ní raibh sé ach ag baint dairteachaí ag an scéal eile: ag tabhairt leidí uaidh faoi na portaigh, ag ceapadh go dtarraing-(eochth)aidhe anuas an mhóin. Is beag dá chuid cluanuidheacht' sin é deirim -se leat. Ní bheadh Rí na Méaracán suas leis / Bhí sé thíos annseo thíos oíche aonaigh agus braon maith ins an gcoiric aige. Má bhí féin bhealuigh sé an teanga aige. Bhí ruibh na cainte ceart air. D'ionnsuigh sé an fear thíos faoi nach raibh sé ag pósadh. "Tá gabhaltas maith go leor agad" adeir sé "ach is gearr go mbí sé in a stupóig ort cheal a shaothruighthe. Breagh nach bpósann tú agus gan a bheith in do phlíoma annsin, isteach agus amach ag cothughadh an dá splainc sin. Gheobhfá bean dhá mbeadh sé de ghus ionnad fhéin í a iarraidh." Níor labhair sé ar a inghin féin, ach is ag baint dairteachaí aige sin a bhí sé. Bheadh sí le fáil ag an bhfear thíos ach a h-iarraidh. Is beag nach'r thiomain sé air í. Ach 'ar ndú mo léan ní chorróchadh cannda "gelignite" an fear thíos as an gcúinne / Deir tú leis a chaith curraintín istigh annseo indiu. Níor tharraing sé anuas agam faoi mbealadh díreach ach bhí sé ag baint dairteachaí aige. Dhá gcloistheá an chaoi a raibh sé ag teacht timcheall ar an scéal. "Leag mé bosca bealadh a bhí le 'chur ar an gcarr indiu isteach ar chorr an drisiúir aréir. Níor fhága mé míor-meacan de'n teach gan chuartú ar maidin agus chinn orm é a fháil. Dubhairt B. nachar chorruigh sí féin é. Agus níor goideadh é mar 'sé sin an fáth ní raibh aon-duine istigh ó mhaidin ach tusa agus M. agus níor ghoid ceachtar agaibhse é." Tá aimhreas aige orainn, ach ní abróchadh sé in a dheidh sin é. Fágfaidh mé thíos anois aige é ins an oíche ambáireach. Leagfaidh mé ins an áit chéadna ar chorr an drisiúir é agus mé ag imeacht ó chuairt. /

Díbheirgeach (díbhfeirgeach) — aidiacht.

díbheirgeach = an-dóroinneach; droch-mhúinte; te bruithte feargach; brúisc-eamhail; coiligneach; fraochmhar; fealltach; díoghaltasach; franncuighthe; madramhail; gadharamhail; oilbhéasach; aicíseach.

Rinne sé cleas díbheirgeach ar an duine bocht sin = rud nach mbeadh ceart; rud fealltach nó droch-mhúinte nó díoghaltasach agus rl. / 'Sé a rinne díbheirgeach ar an mbó é agus gob an chorráin a chur dhá bháthadh in a glota. Tá sí réidh sílim. Ní bhuachfaidh an fear ar leis í aon-phighinn go deo uirre. Shílfeá nach ndéanfadh sé cleas mar sin, faoi nach ndearna an bhó foghail ar bith, ach a dhul thar claidhe isteach ins an gcimín. Diabhal mé go ndéanfadh duine rud as taghd b'fhéidir dhá mbeadh ciseach déanta de chur — ach talamh bán. Is daor a bheadh sí air muis, marach go raibh sí istigh ar a chuid talmhana féin. Ach ní bhfuigheadh an ceann eile (: an té ar leis í) comhaireamh na sop. Bhí an bhó ar chuid an fhir eile agus mhionnóchadh sé siúd, ní dhá roint leis é, a dtáinic ariamh le é féin a shaoradh. Is air nach mbeadh an mhoill / Ní fhaca mé a mhacsamhail i gcaitheamh an tsaoghail ariamh, tá sé cho díbheirgeach sin. Chuaidh sicín linn soir anuiridh ins an ngarrdha gleannach siúd aige taobh thoir daoinne (: dínne, d leathan). Dheamhan a raibh a fhios againne céard ba cor di, ná go raibh sí ar a chuid chor ar bith. Is uair ins na naoi n-áird a thaobhuigheadh aon-chearc linn é, mar ní thugann muid d'fhaisean dóib a dhul ann ach a gcoinneál ruaigthe taobh siar i gcomhnuí. Bhí mé ag gearradh cuid muc ar an tsráid th'éis am dhinnéir agus níor airigh mé ariamh a dheirbhshiúr m'anama thú, gur caitheadh an sicín anoir thar an gclaidhe le m'ais agus í dícheannta. Nar fhága mé seo mara raibh. Chuir sé féin a chloigeann thar an gclaidhe. "Coinneochaidh mise feoil libse" adeir sé "mara gcoinnighidh sibse u (: bhur) gcuid cearc uaimse." Nar dhibheirgeach an mhaise dhó sin é. Ní chásóchainn chor ar bith í, dhá mbeadh millteanas le déanamh aice, ach ní raibh. Shílfeá go bhféadfad sé a fuagairt agus a rogha rud a dhéanamh léithe dhá mbeireadh sé aríst uirre. Dheamhan fuagairt muis, ach an cloigeann a bhaint anuas ó'n dúid di / Bhí caoirigh againn annseo "trip" (: uair, babhta) ar an sliabh, agus tháinig siad uair eicínt anuas i mbarra garbha Sh. Mh. Nach diabhaltaí díbheirgeach anois a bhí sé agus gur bhuail sé seidhrín ar 'chuile cheann beo aca. Níor thug muid faoi deara iad ariamh go raibh na cosa

i gcruth tuitim dhíob. Céard déarfá leis an mbitheamhnach sin. 'Sé is mó mailís ar an mbaile sin. Fear a chuirfeadh seidhrín ar do chaora nach raibh sé cho maith dhó a dhul agus a dícheannadh in éinfheacht. Badh é ba ghnaoidheamhla dhó / 'Sé'n chaoi a raibh sé ins an am sin, bhí na tighearnaí díbheirgeach le na daoine agus bhí na daoine díbheirgeach le na tighearnaí. 'Chaon dream aca ag baint barr dhá chéile. Bhí tighearna thoir annseo a raibh B. an D. aige. Níor fágadh bó ag gabhail leis nar speireadh aon-oíche amháin. Má speireadh féin leath an chirt ní rinneadh (: dhearnadh) leis: bhí sé féin go h-olc / Badh shin iad an dream a bhí díbheirgeach len a gcuid buachaillí. Mara mbeidís in a suidhe le giolcadh an éin agus amuigh ag obair, bheadh an súiste ag S. suas in a n-éadan ar an lota. Bhí buachaill ann aniar as G. M. uair. Níor eirigh sé ar chuma ar bith an uair a glaodhadh air. Suas le sean-Sh. agus fás aige, agus thug sé cnap eicínt dó ins an leabaidh. Diabhal asna de'n bhuachaill nar eirigh in a chraiceann dearg agus nac mbeireann ar Sh. agus nach gcoigligheann faoi ins an leabaidh é, agus greim píobáin aige air nó go raibh a theanga bheag amuigh. Thachtfadh sé beo beithidheach é marach an chaoi ar iarr na mná ar son Dé air gan giorrú leis ar fad. Ó'n lá sin go ndeachaidh sé idtalamh, níor thóg sean-Sh. maide ag aon-bhuachaill. Fuair sé a chomhairleachan / Deir siad gur duine sáthach díbheirgeach é an máistir óg seo a tháinig le goirid. Buaileann sé tuighe shrathair ar chuid de na scoláirí. Theastóchadh sin ó chuid aca, ach má bhíonn duine an-díbheirgeach críochnuighthe leo gránóchaidh siad ar an scoil uiliog. Le bheith lághach féin leo, is deacair le cuid aca a dhul ann / Duine an-díbheirgeach é. Bhí mé lá annseo ag an dorus ag dul amach le cuid an chapaill agus cé a thiocfadh aniar an bóthar chugam ag spaisteoireacht nach é (: ach é). Ní raibh a dhul ar m'aghaidh ná ar gcúl ugam (: agam). Bhí mé ingreim. "Ní theigheann tusa ag an Aifreann a Ph." arsa seisean. "Ní theighim le gairid a Athair S." arsa mise. "Ní airighim ar foghnamh. Tá mé buailte suas as na cosa ar fad." "Níl aon-bhualadh suas ort le do chuid oibre" arsa seisean go beo droch-mhúinte. "Is beag a bhéarfadh orm snuim (: snadhm) de'n mhaide seo" — bhí maide láimhe aige — "a thabhairt ar na h-uileannachaí dhuit agus bheitheá buailte suas as na lámha cho maith le na cosa annsin." M'anam gur dhubhairt, agus go ndéanfadh. Bíodh 'chuile dhuine ar a shon féin air siúd. 'Sé an sagart is dóroinnighe agus is díbheirgighe é dhá bhfaca mise le mo

linn féin ar chaoi ar bith / Tá an ceann céadna sáthach díbheirgeach má fhaghann sé an dó(igh). Ní fhaca tú é an lá a raibh sé ag dul ingeallta ins an gcladach anuiridh. Sin é é. Ní thóigfeá a pháirt aríst go deo dhá bhfeictheá … Údar ar bith ach gur bhuail daol eicínt, é agus gur tháinig sé anoir dhá roinn féin agus gur ionnsuigh sé M. B. Dubhairt sé leis go raibh sé ag baint na feamuinne thar teorainn. Dubhairt M. B. nach raibh, agus 'sbáin sé an teorainn dó. Dubhairt seisean narbh í, ach is gearr an tsáruigheacht a bhí ann an uair a thairg sé M. B. a bhualadh leis an gcorrán a bhí aige ag baint na feamuinne. Thairg mo choinsias, agus thug sé obainn ar a dhéanamh freisin, ach casadh ailleog i láimh M. B. "Má theagann tú níos goire do'n teorainn" adeir sé "ná tá tú, cuirfidh mise í seo báidhteach in do bhaithis. Tháinig an bhean anoir annsin agus chlaon sé. Nach raibh sin anois sáthach díbheirgeach / Tá dream Mh. seo an-díbheirgeach i gcomhnuí. Níl sé mórán le mí ó shoin — an bhfuil — ó leagadh na claidhtheachaí annseo thiar. Thug T. Ch. píosa cainte do'n tsáirsint an uair sin, agus dubhairt sé go raibh sé ar cuairt tigh Mh. agus nar chorruigh sé as go dtí an dó dhéag agus nar casadh aon-duine ar an mbóthar dó ach mise agus P. Bh., agus gur siar a bhí a (: ar) n-aghaidh. Mo léan géar bhí na póilíos istigh agam annseo in a dteine bhruithte, agus chuaidh siad go bog agus go cruadh orm ag fiafruighe dhíom cá raibh mé ag dul. Choinnigh mé féin ag nathuidheacht leo, agus níor leig mé amach tada go raibh siad i bpiolóid cheart agam. Is annsin adubhairt mé gur ag fanacht taobh amuigh a bhí mé le N. go dteagadh sí amach as tigh Mh. Bh. Bh. Bhí a fhios ag T. Ch. go raibh sí istigh ann cho maith liomsa atá pósta aice, ach dar leis féin go gcuirfeadh sé in adhastar an anró mé in a dheidh sin. Agus an bhfeiceann tú an t-agús a chuir sé ann: go raibh a (:ar) n-aghaidh siar, arae mara dteigheadh sé ag déanamh bréag ní raibh aon-ghoir aige a rádh go rabh muid ag dul siar. Níor chuir mise luach leithphighne as do'n fhear chroidhe ariamh ach tá an aicís aige dhom in a dheidh sin faoi nach bhótálfainn dá dhreám / Tá an bodach sin droch-mhúinte [m maon. Béim an ghotha ar an gcéad siolla] díbheirgeach ach d'eile cé'n chaoi a mbeadh sé. Ní fhaca muid aon-duine dhá chineál ar a mhalrait ariamh. Níor casadh bó ná gamhain ar chuid a athar ariamh nachar mharbhuigh sé. Ach thug M. Mh. giorrachan saoghail dhó ins an deireadh, agus ba bheag an scéal é 'ndéanaidh Dia grásta air. 'Sé an t-iongantas é, nacharbh fhadó roimhe sin a rinneadh leis é. Bhí an baile faoin a chosa ceart aige. Bhascadh sé a mbíodh aca /

driog — (dreag?) — ainm-fhocal; buinnean — iolraidh = drioganna, drioga.
Driog = (i) braoinín an-bheag; deor bheag; sreabh; sruth; an streanncainín is lugha; snig.
[Déanann an focal agus an chiall seo leis sdriog (striug, striog) mórán i gcomhnuí ins an gcaint. Deirtear driog amanntaí ach is fadó ó chéile é. Is minicí driog ag muintir an Achréidh ná ag muintir Chonamara, arae níl caint an Achréidh cho tugtha do s sciorthach a chur isteach le caint Chonamara. Féach sdriog le h-aghaidh somplaí de chéill (i)]. (ii) drithlín; doigh thobann; gaimh bheag; "iasc beo" saighead bheag phéine; ga; goin; pian; araing.

Chuaidh driog fhuaicht thríom / Airighim driogannaí eicínt in mo chois le seachtain. Tá liom marab iad na scoilteachaí atá ag brath ar a theacht orm aríst. Má siad gheobhaidh mé uatha é / Fuair mé an-tsuímneas (: suaimhneas) óna daethachaí (: doightheacha fiacal) anois ó a tharraing mé an dá chláirfhiacail, ach feicthear dhom — ní ag tabhairt gutha orra é — go bhfuil driog bheag ag spocadh liom aríst le seachtain. Ins na cúil-fhiacla a airighim anois é. 'Sé'n faitchíos atá orm go siubhalfaidh siad leo mo dhrad fré chéile agus nach bhfágfaidh siad fiacal in mo dhranndal. Shaothruigh mise leo cheana é: in mo shuidhe ó oíche go maidin agus mo chloigeann leigthe anuas ar an teine agam ag glaodhach agus ag gárthaighil — nó gur tharraing mé iad / Deir sí go dteagann driogannaí in a croidhe scaithtí. Ní bhíonn thairis sin de phian uirre ach mar sháithfí biorán treasna thríd. Is olc é an croidhe. Chuir mise faoi ndeara di a dhul chuig dochtúr leis, ach dheamhan ceo a fuair an dochtúr uirre. Dubhairt sé nar dhochar ar bith na driogannaí sin: go mbuail-fidís duine le slaghdán nó galra ar bith mar sin. "Tá croidhe agad" adeir sé "cho slán le breac." / Is beag nar phréach mé thiar leis an dorus dúinte. Bhí an seoideadh isteach ann: gaoth thollta freisin. D'airigh mé drioganna ag rith síos le mo chaol-druim, agus bhí mo chroidhe ag eitealla leis an bhfuacht. / Airigheann sé corr-dhriog innte fós ach is beag an bhrígh iad le h-ais an phian ghártha a bhí innte cheana. Ní fhaca mé aon-fhear ariamh ab fhearr fulaingt ná é. Scaithtí annsin bhíodh sé in a lúib le pian ach dheamhan a n-éagnuigheadh sé in a dheidh sin í. Is mór an fhoighid a bhíos ag cuid de na daoine thar a chéile / Rug mé ar an "article" sin atá ar an mballa l'aghaidh an tsoluis thíos tigh J. Ph. agus chuir sé driog thríom. Tabhair ga air a mhic ó: mar

mar 'bheadh meanuí do do tholladh. Ní h-eadh ach an oiread, ach mar a bheadh iasc beo ag rith suas in do láimh. Ní mise an chéad duine aríst a ghabhfas ag méirínteacht leis an rud siúd // D'airigh mé an driog ag dul thríom. An chéad rud eile, tháinic miabhán in mo cheann agus mhothuigh mé mé féin ag tuitim i meirbhthean. Marach a fheabhas agus a thapuigh mé é agus a dhul amach thuitfinn istigh. Níl a fhios agam ó Dhia anuas céard a bhain díom chor ar bith. Níor tháinig rud de'n tsórt sin orm cheana ariamh / Rug sé annsin orm in aice an ailt. 'Sé a raibh ann go bhfeicfeá lorg ann agus níor tháinic deoir fhola. Ach mara dtáinig, bhí pian ann. Timcheall agus leath-uair in a dhiaidh sin d'airigh mé na driogannaí cráidhte ag snámh suas thrí mo láimh — suas go gualainn, agus níor fhan mothú ná arann i gcrobh mo láimhe. Chuir mé fios ar an dochtúr de léim. Níor mhór dhom féin gur chuir. Dhá bhfágainn leath-uair eile í adeir sé, bhí mo chnaipe déanta. Chaithfí an láimh a bhaint anuas ó'n ngualainn díom / Ar an dá luath agus ar ól mé an phasóid, b'éigin dom an tsráid a thabhairt orm féin. Shíl mé go raibh múisc do mo bhualadh ach chinn orm aon-cheo a chur aniar. Séard a thosuigh ag teacht orm driogannaí in mo phutógaí agus aníos i mbéal mo chléibh! Diabhal i bhfad gur airigh mé mar a bheadh snadhmannaí ag teacht ar mo phutógaí ar fad. Tugadh deoch uisce agam ach dheamhan fuascailt a rinne sin orm ach oiread. 'Bhfuil a fhios agad céard a rinne maith dhom ins an deire. Gráinne salainn a chaith mé siar. 'Sé a d'ionntuigh mo ghoile. Má's poitín a bhí ann badh é an braon is measa a rinneadh ariamh é. Féans a bhí ann. Dheamhan a mhalrait / Tá driogannaí eicínt isteach idir m'asnachaí an uair a chromoim síos. Ní mheasaim gur araingeacha iad. Le goirid a d'airigh mé iad. Beireann siad ar m'anáil scaithtí. Is minic a bhí araing orm ach ní mar sin a bhíodh sí ag dul dom / Tá driog eicínt in mo chois annsin le cupla lá. Shíl mé gur iasc beo a bhí ann i dtosach, ach is gearr go raibh a fhios agam nach h-eadh. Níl neart agam an chois sin a chur treasna ar an gcois eile chor ar bith nach mbuaileann sé mé. Shílfeá gur ag dul 'un donacht atá sé. B'fhearr do dhuine rud a thapú in am ná a bheith in aithmhéala aríst / Níl dochar ins na driogannaí sin. Iasc beo iad. Sin nó pianta fáis. Bíonn pianta fáis ar 'chuile scurach. D'aireochadh duine ar bith an t-iasc beo sin. Is minic a bhíos siad ag léimreach (: léimneach) in mo chosa féin. 'Seadh agus táraidhm (: táirm) orra ag léimneach. Deir siad dhá sáithtí biorán ionnad ins an áit a mbíonn an t-iasc beo sin an uair a bhíos sé ag léimreach go gcaillfí thú.

Dreach = ainm-fhocal; fireann (boineann amanntaí freisin); iolraidh = dreacha, dreachannaí.
Dreach = snuadh; gné; cuma; cosamhlacht; gothadh; tuinn chraicinn; leagan éad-ain.

Is olc an dreach atá air = snuadh; tá sé droch-bhreathnuightheach; tá droch-ghothadh ar a cheann-aghaidh; is dona atá sé ag breathnú as a éadan; níl aon-deagh-chosamhlacht air / Is beag duine is measa dreach ná é. Ach tá sé ins an meath sin ó a chonnaic mé ariamh é, agus dheamhan lá clóic air, bail ó Dhia air / Is gearr an bás uaidh mara bhfuil sé féin agus a dhreach in aghaidh a chéile / Is olc liom an dreach atá air le 'bheith ar foghnamh. Sílim go bhfuil sé ag éagcaoineadh le fada. Níl neart ag an duine bocht air. Sin é an chaoi a mbíonn sé / Shílfeá go mba cheart dó dreach thairis siúd a bheith air agus an tógáil atá sé a fháil. 'Ar ndú níl beirt ins an tír ar a bheathú sin / Is breagh an dreach atá air muis. Ach níl aon-áirde le tabhairt air sin. Luisne bhradach na h-eitinne, ar chuala tú ariamh é. Feicfidh tú fear eitinne craosach dearg i gcomhnuí. / Ní raibh duine ar an bhfeadhain aca sin nach shin é an chaoi a raibh siad: droch-dhreach orra. Nach bhfeiceann tú an ceann aca atá annsin thoir ag T. Ch. cho droch-bhreathnuigheach, cho caithte agus atá sí. Ach thiocfadh di sin a bheith cho cruadh leis an miotal in a dheidh sin. Bíonn dreamanna daoine mar sin ann / Is caillte an dreach atá ar Ch. siúd: an-chaillte go deo. Meastú an bhfuil sé siúd as a shláinte. Tá an bheirt eile ar chaoi ar bith / Tá dreach maith, agus snuadh a chodach air, deirimse leat. Nach bhfuil sé cho dearg cho bláthmhar le spíonán agad. Tá cuid de na daoine agus bíonn siad ro-thóigthe, ach cuid eile ní chuirfeadh an saoghal aon-sciolltar orra. Nach bhfeiceann tú an beithidh -each ar an gcóir chéadna / Is dóibh is fusa dreach a bheith orra: fuigheall na bhfuigheall aca, agus gan tada ar a n-aire, ach ag imeacht ag traoitheadh a mbuilg. Mara mbeadh dreach orra sin, níl a fhios agam cé'n scéal é ag daoine dona / Bhí an droch-dhreach air istigh ag an Aifreann ar maidin indé. Bhí sé ag athrú dathannaí. Shíl mé 'chuile phuinnte go dtuitfeadh sé i meirbhthean, ach bhí sé indon é a bharruidheacht in a dheidh sin / Is beag an dochar duit droch-dhreach a bheith ort. Ag imeacht le ragairne ó oíche go maidin agus gan goile dreoilín annsin ar feadh an lae aríst. Féachfaidh an phóit leat é, feicfidh tú féin air / Ní fhaca mé a dhreach ar aon-duine ariamh

ach ar fhear a bheadh ar an leabhar ag an bhfiach dubh. / Mara n-athruighidh sé dreach ar chuma ar bith tá faitíos orm gur ar a chruadhchúis dó bean a fháil. Dheamhan bean a bhreathnóchadh air an darna h-uair a phósfadh choidhchin é. Is túisce a phósfadh sí corp go mór / D'aithneochthá ar a dhreach nach fada a mhairfeadh sé. Teagaim leat. Ní ghabhfaidh sé i bhfad isteach ins an mbliain nua déarfainn / Ní fhaca tú aon-chlann ariamh is lugha atá ag dul i gcosamhlacht le chéile as a ndreach ná iad. Tá inghean ann agus tá sí cho críneach dearg le búistéara, agus annsin an bheirt mhac in a mbás ar sliobarna. Sin é é. Is mór a bhíos idir na daoine / Tá dreach ar an mbó sin bail ó Dhia agus ó Mhuire uirre. Mo léan géar ní ar raithneach a tóigeadh í sin mar thóigtear beithidhigh ins an tír se'aghainne. Fuair sí sin togha an chimín / Ní raibh aon-bheithidhigh ar aonach indiu ab fhearr dreach ná trí ghamhain le C. Mh. N. An mbeadh a fhios ag aon-duine beo cé'n chaoi a gcuireann sé ordú orra, scáth leithead bráithlín de'n bhogach bháidhte siúd. Agus shílfeá freisin gur duine é atá bun-tsiléigeach go leor / Sin iad thuas ag T. Mh. na búdógaí a bhfuil an dreach orra. Mise imbannaí dhuit nach gcomhnóchaidh an braon i logán an droma aca sin mar a bhíodh sé ag comhnú ar bheithidhigh Ch. 'Sé an scéal é, ní bheadh call dó sin a dhéanamh ach a gcoinneál istigh ins an gcró agus gan ghiollaidheacht ar bith a dhéanamh orra, agus bheidís ramhar slachtar aige in a dheidh sin. Tá an míádh ann do dhaoine agus an t-ádh do dhaoine eile mar adeir S. G. / M'anam nach hé dreach an choffee atá ar an mbruithlín sin. Sin fear anois dá gcuirtí fear i mbuidéal. Is cuma ins an míádh ach is maith atá a chuid ag dul dó agus bíodh sé ag fáil fuigheall na bhfuigheall féin. Breathnuigh ar na pluca atá air agus ar an gcairín tónach / Ní hé dreach na mbruithneog atá uirre sin chor ar bith, mar adubhairt S. G. le inghin Ch. an uair a tháinig sí aniar as an gC. R. / Ná bac le fear Achréidh a mhic ó. Breathnuigh cho bláthmhar agus a bhíos siad. Diabhal mé go bhfeicfeá "na fataí gáirí" agus an ghabáiste ag briseadh amach in a ndreach. Ach m'anam nach bhfeicfidh tú ag briseadh amach indreach Mh. Bh. ach gearbaí agus neascóideachaí agus salachar rásúir agus easbaidhe agus 'chuile rud is measa ná a chéile / Tá mh'anam, dreach an phionta air. Sin é an dreach atá air. Is iomdha nóta puint a cuireadh isteach thar chontar J. leis an dreach sin a chur ar an mbitheamhnach sin /

Tá dreach an-bhán-ghnéitheach uirre. Ach dhéanfadh an áit istigh é sin. Duine ar bith a bhíos cuibhrighthe i gcomhnuí taebh istigh de dhorus, bíonn siad bán-ghnéitheach mar sin. Níl rud ar bith is folláine do dhuine ná a bheith isteach agus amach / Bhíodh dreach breagh snuadhamhail air sin roimhe seo, ach is geall le taisí anois é 'sábhálaidh Dia sinn! Is fear réidh é, ná fear ar bith eile a bhfuil a dhreach air. / Níl de dhreach uirre ach dreach cuirp / Tá sí sin ag caitheamh 'chuile shórt ar foghnamh, agus níl sé de dhreach uirre in a dheidh sin = níl sé ag dul chun maitheasa di; níl slacht a codach uirre. / D'aithneochthá as a mháthair é. Tá an dreach mí-shlachtar céadna air, ní ag baint fogha ná easbaidh as é. / Is furasta aithinte ar a dhreach go bhfuil an cailín siúd (: an eitinn) ag síneadh leis. 'Bhfeiceann tú cho lasmhanta agus atá sé / Mo léan géar ní hé dreach na n-uibheachaí lobhtha atá uirre ar maidin. Is beag an baoghal / Tá dreach na gréine agus na gaoithe air. Ní shiúd fear baile móir. Is furasta aithinte air é / Feacha na tincéaraí sin thoir. 'Siad atá craosach dearg agus dreach gréine agus gaoithe orra. Dheamhan duine in do thír is folláine ná iad / Ní luisneacháinín baile móir a phós sí chor ar bith ach forránach lúthmhar láidir a bhfuil dreach gréine agus gaoithe agus fairrge air. Máirnéalach é / Phós sé beainín bheag éidtreorach nach bhfuil lán de ghlaice innte. Agus dhá bhfeictheá an dreach atá ar an nguróir bocht. Ní thiubharfá feoirling uirre maidin sheaca / Tá dreach breagh conscluighthe uirre anois thar mar a bhíodh fadó. Chaith sí sin an tsíorruidheacht agus gan fios a imeacht nó a theacht di. Is maith a shrian sí as in a dheidh sin / Tá dreach breagh dathamhail air / Is olc an dreach atá ar an spéir. Agus ní thaithnigheann an bun liom a bhfuil an ghaoth: gaoth aniar-ndeas. Tá tuairt bháistighe air / 'Bhfeiceann tú an dreach dorcha atá ar an spéir. Breathnuigh cho dúinte agus atá sé agus na túineanna (: tóineanna) dubha sin ó dheas. Crap do chuid féir nó beidh tú dhá fhuireasbhaidh / Ní thaithnigheann an dreach atá ar an aimsir chor ar bith liom. Shílfeá go mbeadh sé in a dhórtadh chuile lá ach diabhal mé mar sin féin go bhfuil sé ag coinneál suas. Ach níl triomach ar bith ann mar sin féin / Cé a leigfeadh féar amach indiu? Leig, má's maith leat é a bheith in a aoileach. 'Bhfeiceann tú an dreach atá ar an spéir sin thiar, agus an duibhthean atá imbun na gaoithe /

Tá dreach ar an bhfairrge indiu = í a bheith go breagh ciúin; gan aon-challóid a bheith innte; lághach soineannta / Tá dreach ar an bhfairrge indiu má's lib a dhul ag currachóireacht / Tá dreach uirre indiu. Fairrge lúm (: lom) agus gaoth ó'n talamh. Ní fhaca mé cho suaimhneach le seachtain í. Bhí sí sáthach callóideach

sáthach coipthe le cupla lá, ach is beag an ghúgaighil (: guaghaighil)
chor ar bith atá innte indiu / Bhí sé teann go leor ar maidin, agus
bláth bán uirre (: ar an bhfairrge) agus clag-fhairrgí timcheall an Chinn.
Ach leig sé faoi. Tá dreach uirre anois / Sílim gur currachthóirí chois
teallaigh iad na currachthóirí se'againne. Má bhíonn puth as aer ná
cuileoig gheal ar an uisce loicfidh siad (: ní rachaidh siad chun fairrge).
Shílfeá go raibh dreach ar an bhfairrge indiu ach ní ghabhfaidís
ar meath in a dheidh sin. Nach aca a bheadh an ghna (: gno) in aon-bhád le
M. Mh. Á. Ní shásóchadh lá ar bith é ach an lá a chuirfeadh go "bend" í (: an bád)
Is iomdha pearsalacha aithrighe a bheadh déanta ag na bádóirí se'aghainne
in éindigh leis / Is mór an t-iongnadh nach bhfuil currach ar bith amuigh indiu agus
an dreach atá ar an bhfairrge. Ach tá 'chuile dhuine ro-chruadhógach. Pé aca
sin é, níl aon-mharbhú ar na faidhtíní. Tháinig an churrach seo thíos isteach
indé th'éis an lá a chaitheamh ar an meath mhóir, agus is ar éigin a leig an
cut isteach iad (: ní raibh aca ach breac nó dhó. Ní leigfidh an cat isteach
iascaire muna mbí solamar eicínt aige dhó féin) / Bail ó Dhia ort! Dreach
ar an bhfairrge indiu! 'Bhfeiceann tú cho coipthe agus atá sí. Tá liagáin
fairrgí cháithte ag briseadh ar Mhulán an D. É. Ná bac le lá ar bith
a bhfeicfidh tú ins an meath sin í (: an fhairrge). Ní lá é atá in
aruidheacht a dhul 'un fairrge ar chaoi ar bith, má tá aon-tsuím in do
shaoghal agad. Tá sé ceart go leor ag currachthóirí na T. B. atá taithighthe
ar fhairrge mhóir. Ach u (: ar) leithidí se'aghainne — aineoluidhthe. 'Ar ndú, ní
currachthóirí atá ins an tír seo. / Tá dreach uirre (: ar an bhfairrge) ceart
go leor indiu, ach is dreach sáthach colgach é. Dá mbeinnse amuigh anois ins
áit a bhfuil na P., i leabaidh a dhul ar an meath mhóir, 'séard a dhéanfainn
rith cladaigh a thabhairt di (: currach) cho beo in Éirinn agus a d'fhéadfainn. Tá
droch-ghothadh ar an lá agus an fhairrge ro-ghúgach (: guagach) ag currachaí.
Is mór an mearbhall atá ormsa nó séidfidh deire an lae in a ghairbhshion,
agus ní éadáil mhór do churrach gairbhshion a theacht uirre leath-cuain.
Fuair mise mo dhóthain de'n cheird sin cheana an lá ar shéid sé in a ghaoith
adtuaidh orm féin agus ar J. Ó. C. Shíl muid dheamhan fata a changlóchadh
muid len u (: ar) marthainn. Thug muid an eang linn míle buidheachas
le Dia, ach gheall mé an lá sin dá dteagainn slán nach gcuirfinn mo
láimh i mbéal an mhadaidh an dá lá agus a bheinn beo aríst. Agus
níor chuir /

Deoin = ainm-fhocal; buineann; tuiseal geineamhnach uathaidh = deona is cosamhail (fc. toildheona?). [Fuaim d'ūn']

Deoin: toil; rud a thogairt; rud a dhéanamh uait féin

Rinne sé dhá dheoin féin é = dhá thoil féin / Mara ndéanaidh sé dhá dheoin féin é, fág mar sin é. Níl gnatha ar bith a dhul 'un droch-mhúineadha leis / Mara n-ólaidh sé dhá dheoin féin é, ná tabhair méir ar bith dhó. 'Sí an tsean-mhéir aige anois í. Troisceadh sé anois má's breagh leis = laogh nach n-ólfadh bainne d'fhuireas-bhaidh méire /[Mara n-ithidh sé dhá dheoin féin é, cé'n mhaith a bheith ag sáraidheacht leis. "Tairg biadh do dhuine beo, agus mara n-ithidh sé é leigeadh sé dhó." Mise i mbannaí dhá mbeadh ocras air, go mba deacair é a choinneál uaidh]/ Ní scarfaidh sé leis dhá dheoin ar chaoi ar bith. Ach sin é an buille: an bhfuil an dlí in don a bhaint dó. Dheamhan a fhios aghamsa an bhfuil / Ná bac len a leithide sin. Fear ar bith nach bhfaca tú ag dul amach ariamh dhá dheoin féin ag an Aifreann, go gcaithfí a dhul dhá shaghdadh amach ann! /[Ní ceart cur faoi ndeara do bhean ar bith fear a phósadh, marab é a deoin fhéin é. Ise a bhéas síos leis, agus ní h-iad an dream a chuirfeas 'un caitheachtála di é]/ Tháinic sé aníos agus ní dhá dheoin é = ní raibh aon-fhonn air a theacht / Mara marbhuighidh sé S. ar chaoi ar bith ní dhá dheoin é. (: tá rún a mharbhtha aige). Níl cruinneál ná oireachtas nach ag faire air atá sé go gcriogaidh sé é. Ach tá an fear eile féin sáthach áird-eallach. Is maith nach mór dhó a bheith ar a mhaidí muis, nó tiubhar-faidh sé siúd faoi é uair eicínt /[Mara mbeidh iasc aige, ní dhá dheoin é. Ní leigeann sé lá ar bith thairis gan a dhul ar meath. Ach níl aon-bhualadh 'e rath orra chreidim]/ Deirimse leat mara ndéanaidh sí siúd airgead nach dhá deoin é. Cnuastóir ceart í. Diabhal mé go bhfeicfeá í, nuair a bheadh leith-phighinn sinseála ag dul duit, agus go sílfeá gur carghas a bhíos uirre scaradh léithe. Níor mhór do dhuine a bheith ar an áirdeall, nó ní bhfuigheadh sé an tsinseáil cheart uaithe /[Mara bhfanaidh sí ann dá deoin, níl agad a dhéanamh ach a díol. Ní fhaca mé aon-bhó ariamh as an ruta céadna nach mbeadh an bhradghail agus an chneámhaireacht ag imeacht léithe]/ Mara ndéanaidh sé dhá dheoin é, déanfaidh sé dhá aindeoin é = déanfaidh sé dhá dheoin nó dhá aindeoin é [fc. aindeoin] /

Díreadas, dírigheacht = ainm-fhocal, fireann agus buineann fó seach
[Is minice "díreadas" ná "dírigheacht" i gceist i gcaint]
Díreadas, dírigheacht = cotarsna "caime"; cneastacht, macán
-tacht; géire;

Níl mórán díreadais ins an gclaidhe sin. Má's leat díreadas a bheith
i gclaidhe agad, ní mór dhuit dorugha a leagan leis / Theastuigh uaidh an
méid sin díreadais a chur ann ar chaoi ar bith. Bhí casadh ciotach
annsin: an casadh ba mheasa ar bhóithrí /[Shílfeá gur beag an díreadas
atá ins an tslat iascach sin]/ Ní mórán dírigeacht' eile anois
a ghabhfadh innte an uair a bheadh sí ceart. Stangadh beag eile agus
beidh sí ar fheabhas / Fuair tú amach muis an té a mbeadh díread
-as ann. Níl, ná in aon duine dhá dhreám. Is fada taobh thiar dóib a
d'fhága siad é /[Níl díreadas ar bith ins na daoine anois le h-ais
an dream a bhí fadó ann. 'Chuile líne ag dul 'un míne agus 'un bréige
adeir siad.]/ Cuir díreadas eicínt in do dhruim a scrataidhe! / Nach
ins an árd sin atá an díreadas! = é an-ghéar; caitheamh le fánaidh
tar cionn ann /

Díriú, (Dírighim, agus rl.) = briathar.
Díriú: rud a dhéanamh díreach; an chaime a bhaint as rud; stiúir
nó slis a chur ort féin.

Tá sé dhá dhíriú féin / Dhírigh sé aniar chugam / Níl sé indon díriú
aniar ins an leabaidh ach léar (: de réir) mar dhíreochas duine eicínt
eile é /[Dhírigh sé aniar ins an gcathaoir ar an dá luath agus ar
caintigheadh ar na bróga. Deirimse leatsa go raibh cluais air uaidh
sin amach]/ Má dhírigheann sé siúd agad (: chugad) in a stuithneachán,
rachaidh mise faoi dhuit go mbeidh gnatha do do dícheall agad / 'Bhfuil
tú indon an maide sin a dhíriú ar ais. Bhí an buachaill báire siúd
ag pléidh leis gur fhága sé an dronn sin air / Dírigh do spreangaidí.
Tá siad ar fud an tighe is 'chuile áit dá siubhailim / Níl aon-
ghoir agam mo chiotóig a dhíriú le dhá lá. Tá pian isteach annsin orm
i maol na gualann. Tá, agus pian ghártha scaithtí. / An mbeadh goir ar
bith agad na lámha seo (: lámha rothair) a dhíriú. Tá siad cho cam le

adharc pocaide / Dhá bhfaghadh sé Eire bronnta air, ní raibh sé indon díriú faoi'n gcéad mine. Nach bhfuil a fhios agad-sa gur deacair a bheith ag iarraidh maitheasa air sin! Beidh a shliocht air: is maith an aghaidh mná é an Inid seo! Beidh sé ar bóthar déar-fainn [Díriú faoi ualach = a dhul faoi ar an talamh agus eirghe faoi agus é ar do dhruim, nó go mbeitheá i gcruth siubhail faoi] /[Ní dhíreochadh sé faoi leath-chéad, ní áirighim dhá chéad: an séacla bocht.]/ Dírigh suas! Cé'n sórt codladh atá ort! Is diadhachta dhuit codladh a bheith ort agus ar chodail tú aréir / Breagh nach ndír-igheann tú suas. Ní féidir gur chuir an teirgéis sin meisce ort! / Dírigh dhíom nó déanfaidh tú sprúdháin do mo láimh. Tá sí i bhfastós idir thú féin agus an balla / Tá mé ag brath ar díriú air anois = a dhul ag triall ar áit nó ar dhuine / Foighid ort anois! Is gearr go mbeidh mé ag díriú air. Má bhím féin, sílim go bhfuil sé ag tarraint ar an am agam / Thosuigh sé ag díriú orm. D'aithin mé ar an bpuínte air go raibh rún aige mé a dhonú [Díriú orm = i gcásanna den tsórt seo cialluigheann sé gur chuir duine gothadh achrainn air féin le duine eile] /[D'aithneochadh dall gan súil gur ag díriú air a bhí sé. Dá seasadh an fear eile talamh, bheadh rí-rá ann. Dheamhan a fhios agamsa nach ndéanfadh sé puca dhó (: dhe) dhá mhéid de chliobaire é]/ Dhírigh sé an gunna orm = thug sé aghaidh an ghunna orm / Chonnaic mé é ag díriú an mhaide siar ar an teach = chuir sé an maide amach mar a bheadh sé ag teasbáint an tighe leis /[Dhírigh sé cois na fuipe ar shráid a bhí síos ann. "Teirigh síos annsin anois" adeir sé "go gcastar teach dearg duit … "]/ Dhírigh an póilí a chána uaidh síos ar dhream a bhí leigthe isteach ar shúil an droichid. Dair liom féin go raibh aimhreas aige gurb iad a rinne an bualadh. Ach níorbh iad, arae 'sé sin an fáth, bhí mise ar bhall na h-áite / Ní féidir an t-adhmad sin a dhíriú. Tá sé strumptha leis an bhfuacht / Ní dhír-eochadh a bhfuil de dhruifí (: doruighthe) in Éirinn é. Tá sé ó dhíriú anois / A bhfuil d'arm faoin domhan ní dhíreochadh an reanglachán siúd. Tá sé chrotach ó Dhia agus ó'n saoghal. Dhá leathchéad nachar mhór a chur siar faoi'n a mhuinéal i gcruth agus go gcuirfí dronn siar air as cosa i dtaca. Mara ndírigheadh sin é, bheadh sé fánach a bheith ag iarraidh é a dhíriú. Sílim go mb'fhearr é a fhágáil len a anshógh féin. Tá sé in a chamalóid ro-mhór len a dhíriú choidhchin /

dícheannadh = ainm-fhocal, fireann; ainm-bhriathar.

dícheannadh = (i) an ceann a bhaint de dhuine nó de rud; (ii) íosbairt, sléacht nó mí-nós a dhéanamh; a bheith in do dhroch-cheann do dhaoine.

[Ciall a (ii) is mó a bhíos i gceist igcaint anois. Tá ciall a (i) ag seirgeadh]

Ní hé a chrochadh a rinneadh ach a dhícheannadh. A ndícheannadh ar fad a déantaí fadó. / Ar an dá luath agus a dtáinig sé i láthair, d'ord-uigh sé 'chuile dhuine ar an bhfeadhain aca a dhícheannadh. Sin é an puicéara a raibh an droch-chroidhe aige / Dheamhan filleadh ná feacadh a rinne sé ach breith ar an gclaimhe agus an Fathach Mór a dhícheannadh. Thug an ceann trí léim th'éis an corp a fhágáil dó … /[Is fhearr an dícheannadh féin ná an crochadh; ach is measa an dóghadh ná ceachtar aca. Dícheannadh nach h-eadh atá is in bhFr-ainc. 'Seadh measaim / Bhíodh T. Ó. M. ag guairdeall ar fud na sléibhte ag déanamh dícheannadh ar mhná agus ar pháistí. Bhí sé ag imeacht in a rógaire reatha. An áit a bhfuigheadh sé an fear as baile, ní bhíodh scruball ar bith aige an bhean nó na páistí a chur dhá gcois, nó spídeamhlacht ar bith a gcuimhneochadh sé air a thabhairt dóibh. Deir siad gur casadh isteach i dteach in aice an L. é. Bhí an teach bán cé's moite de shean-bhean dona a bhí ann. Rug sé ar ghreideall a bhí ann, agus chuir sé ar an teine é, agus rug sé ar an tsean-bhean agus chuir sé síos dhá róstadh air í. Bhí an cine sin uiliog go dona …] [Dícheannadh = ciall a (ii) ins an sompla seo agus ins na somplaí síos] / Bhí an Rí mór ag déanamh dícheannadh ar dhaoine bochta. Dar fiadh dubhairt an gaiscidheach ó Éirinn go gcuirfeadh sé féin dá chois é nó go gcaillfeadh sé leagan leis … / Tuilleadh diabhail anois aca! Ba mhaith uatha féin dícheannadh a dhéanamh scathamh. B'iomdha dícheannadh a rinne siad ins an tír seo ariamh. Gheobhaidh siad rud ar a shon anois. Tuilleadh biseach ar an German. Mo ghrádh é! / Bhí an tubaiste orra sin an uair a bhí an "power" aca. Na máistirí (: tighearnaí) a bhí orainne, dheamhan a raibh daorbhasctha dhóib. Ní dhéanfaidís aon-dícheannadh ná aon-chréatúlacht ar a gcuid tionóntaí mar a ghnídís-sean. Diabhal mé na tighearnaí seo thoir go mb'fhurasta a theacht uatha /

dubhachán: ainm-fhocal, fireann, iolraidh agus geineamhnach uathaidh = dubhacháin

[Fuaim — dúchán]

Dubhachán = cruaichín mhóna; goigín mór móna tuairim agus ó cúig go dtí h-ocht nó naoi de throighthe ar fad agus gan aon-aoirde mhór innte. Mara mbíonn an bhliain nó na bealaigh cóireamhail, cruachtar an mhóin ar an bportach in a dubhacháin thar éis a baint as an aith-ghróigeadh, nó as na goigíní. Ach tugtar dubhacháin freisin go minic ar chruacha móra chois an bhóthair nó amuigh ar bhealach an chairr, agus cuid mhaith móna ionnta.

Tá cuid dhi in a h-aithghróigeadh agus cuid dhi in a dubhacháin againn ar an bportach. Dá dteagadh an uair freagarthach chuirfeadh muid na dubhacháin amach ar an mbóthar as láimh / Tá cúig nó sé de dhubhacháin ar bruach fós agus dheamhan an mó ná broc-thirm iad. Faraor nach siogáin fhada a rinne mé dhíob mar a rinne mé ar an lagh-pholl. Dhá ndéanainn, thiocfadh an farradh sin a bhí ann le cupla lá thríotha, agus bhainfeadh sé deannach asta / Tá dubhachán breagh móna amuigh ar shúil an bhóthair aige, ach tá faitíos orm gur fada go bhfuighidh sé fear a fhiafruighthe i mbliana. Níl imeacht ar bith ar mhóin — fós ar aon-nús /

"Taobh na láimhe clí de'n bhóthar dom seadh a chonnaic mé ná trí nídh is mó a bhí ag déanamh brúin (: bróin) dom — na trí mhaistín mhóra — agus ba mhú (: mhó) an ceann ba lugha aca ná trí chéad dubhachán móna agus ná Sliabh Folláin, cé gur mór é!

[As aithrighe Sheáin De Barra — deir na daoine gurb í Aithrighe Sheáin de Barra í] /[Tá mo dhubhachán-sa in a phlaicín gabhair, agus dheamhan briseadh ná bearna ar a dhubhachán (: cruach) féin fós. D'eireochadh dhó. Tá mil ar mo dhubhachán-sa, ach tá nead easóige in a cheann féin (: ní thaobhuigheann sé a dhubhachán féin, ach goideann sé móin ó gach uile dhuine eile) / Níl aige ach dubhacháiníní beaga]/ Sí an dubhachán de bhean í = bean a bheadh suidhte nó gróighte nó in a leathnóig; bean théagarach nach mbeadh aon-aoirde innte, ach a bheadh cairthighthe amach. / Má bhuaileann an dubhachán siúd a cairín anuas air, dheamhan cor ná car a fhágfas sí ins an scólachán bocht go ceann míosa. 'Ar ndú' ní gna(tha) atá aige siúd dá macsamhail de bhean. Tá b'fhéidir! /

dubhachan = Ainm-fhocal, fireann; ainm-bhriathar.

[Fuaim = dúchan, ach fc. duibheachan.]

Dubhachan = (i) lobhadh dubh nó meath a theagas ar na fataí. (ii) Deargadh nó cur mór. (iii) duibhthean nó néalta dubha ar an spéir nó toirt mhór dhubh ins an aer. (iv) "breacadh" nó cuid mhaith scríobhnoireachta. (v) "dubhachan" scaithtí in áit "dubhadh" = druidthe nó breac-ballach le daoine nó le eallach.

Dubhachan = (briathar). = duibhthean nó meall nó néal dubh ag cruthú; ag deargadh nó ag curaidheacht; ag "breacadh" páipéir, nó ag déanamh cuid mhaith scríobhnóireachta.

Tá sé in a dhubhachan = tá an mheath teagtha ar na fataí. / Deir siad gur ins an gcréafóig a chruthuigheas an dubhachan agus go gcairthigh-eann sé aníos ins na dasachaí / Amach ins an Mí Mheáin a theagas an dubhachan. Uair mharbhánta cheo is measa. Sin í a bhuac. M'anam agus ná raibh ag an Diabhal go bhfeicfeá na lorgachaí leathta leis th'éis oíche a gcaithfeadh sé crámhar beag báistighe /[Bhí bliain annseo agus ní raibh oiread leithphighne beo d'aon-bharrainn ag gabhail liom lá 'Eil San Seáin. D'ídigh sé roimhe iad mar a bheadh Dia dhá rádh leis. Bhuail sé an taobh faoi de'n das cho maith leis an taobh as a chíonn. Ní raibh méid dubh na h-iongan ins na spotaí beaga i dtosach, ach, a mhic ó mo chroidhe thú, ní raibh dhá lá go raibh an sean-chur fréna chéile in a aoileach. Dá mbeidís taobh leis an lobhadh tirm níor chás é, ach d'fhastuigh sé na fataí féin cho maith leis an mbarrainn …

"Sprae" a chur orru! Beannacht Dé dhuit! Ó a aimsigheas an dubh-achan iad, ní fiú cnaipe gan chois do chuid sprae]/ Níl goir ná gaobhar ag an dubhachan ar an mbuidheachan. Sháruigh an lobhadh buidhe sin loirgne dóighte. / Is fhearr an t-aol l'aghaidh an sprae ná an "washing soda", marach go gcalcann sé an machine. Tá grúdarlach an aoil indon stopainn a chur ar an sprae. Is mór an feall sin, arae marbh-uigheann an t-aol 'chaon tsórt — péiste agus eile — idteannta an dubhach-ain. 'Sé atá deas air /[Is beag is ionann le chéile iad. Féadfaidh tú cúl a chur ar an dubhachan má thapuigheann tú é, ach tá sé fánach agad aon-chúl a chur ar an lobhadh bán. Speireann sé bun na ndasachaí as éadan, agus cuireann sé ó mhaith iad. Tá cuid de na barra garbha sin ar bheagán samh-

aoine dhá bharr / Déanfaidh sé dubhachan mar a ghníos sé féin, ach go deimhin is go dearbhtha is maoilscríobach an cur a thugas sé orra (: fataí). 'Ar ndú' sin é a bhfuil uaidh. Fear fánaighe ar bith a dhéanfas dubhachan mór dó, beidh sé molta aige. Chonnaic mé annsiúd thíos anuiridh é, agus bhí leath na síolta leis. Dheamhan clúdú a thug sé ar a leath ariamh. Is furasta dubhachan a dhéanamh ar an gcaoi sin: rith orra]/ Bhí dubhachan mór déanta againn anuiridh shul ár rug an Márta orainn, ach ba suarach an t-íongnadh sin agus an congnamh a bheith ann. Ní bheidh aon-dubhachan déanta imbliana sílim. Is gearr le dhul duine aonraic / Dhá bhfaghadh siad "freastal" is orra nach mbeadh an mhoill dubhachan a dhéanamh, ach d'fhuireasbhaidh an fhreastail, tá siad coinnighthe siar. An té a chaithfeas síolta a ghearradh agus a scaradh agus aoileach a chur amach, is beag é a fhoghail / Is diabhaltaí an dubhachan a rinne mé féin agus D. lá. Chuir muid an cúl thiar agus an cúl ó dheas de Bh. Bh. agus go deimhin bhí sé cho maith dhom a rádh nach raibh freastal ar bith againn scáth a ndeárna J. Sh. G. Deirimse leatsa gur búan an cúl é cúl thiar Bh. Bh. Feicim anois go bhféachann sé é féin trí lá, ach 'ar ndú' níl déantús maitheasa ar bith ins an scairíneach siúd. Ní ag cur a bhíos sé ach ag cipiléaracht! / Ní prae mhór do dhuine ar bith dubhachan a bheith indiaidh a láimhe má chuireann sé gaedhealach iad ar a nús (: nós) -seisean. Níl de ghlaineacht ná de shlacht ann, i ngarrdha ach an oiread agus a bheadh i gcráin mhuice. Is cuma leis ins an tubaiste é ach stróic mór a bheith curtha aige trathnóna / Tá dubhachan Achréidh aige seo thíos i dT. na M. Bíonn an-uathbhás air i gcomhnuí i dtús bliana, ach níl cur leis ar bith ann. Deir siad nach mbíonn tréan búan [Dubhachan Achréidh = deargadh nó cur mór mar a d'fheicfeá ar an Achréidh. Bheadh an-tsaothar déanta annsin lá, de bharr na n-acraí atá aca — céachtaí agus eile] /[Cé'n mhaith dhó a chuid dubhachain. 'Bhfaca tú an dubhachan a rinne sé anuiridh, agus d'fhága sé mar sin annsin iad gan lánú gan ghort-ghlanadh gan sprae, nó nach raibh síol aige de bhláth bliana a chuirfeadh sé idtalamh. Mara bhfaghaidh cur a chóir féin b'fhearr a fhágáil gan déanamh]/ "Chonnaic siad an dubhach -an agus an seabhac ag teacht íochtarach" — [as sean-scéal — An Chú Ghearr Ghlas — m'athair] = toirt dhubh nó ball dubh ar

an spéir, nó ins an aer / Bhí mise 'fhoisceacht deich míle do Bhourne
-mouth ar "D. Day". Is gearr a bhí muid amuigh ag obair an uair
a chonnaic muid an dubhachan ag déanamh orainn. Báid aeir
a bhí ann ag dul do'n Fhrainc. Bhí an t-aer uiliog dubh leo.
Má bhí ceann ann, bhí fiche míle ann /[Chonnaic siad an
dubhachan ag déanamh orra, isteach ó'n bhfairrge. Éan mór dubh
a bhí ann / Is gearr uaidh ráig eile. 'Bhfeiceann tú an
dubhachan atá thiar. Is fhearr dhuinn tarraingt ar chaladh eicín-
t thar an áit seo, maran linn a bheith bog báithte / Tá na
tóineanna dubh sin ar an spéir arís t. Luirg an diabhail dóibh.
Tuilleadh báistighe a chaithfeas sé as an dubhachan sin. Ní thriomóch
-aidh aon-fhód móna i mbliana ach grásta Dé]/ Múr eile
atá ag tolgadh. Is furast' aithinte ar an dubhachan sin é. / Ná
bac thusa le uair ar bith a bhfeicfidh tú an dubhachan trom
sin i mbéal na gealaighe nua. Níl aon-deagh-uair fós air /
Dhá n-ársuigheadh an lá suas as an dubhachan seo, b'fhéidir
go mbeadh sé ionrásta a dhul 'na phortaigh ar ball, ach níl
aon-ghothadh maith air chor ar bith. Míle buidheachas le Dia
nach caillte an uair í! / Dubhachan sneachta é sin ó thuaidh.
[Nach bhfaca tú na saighne aréir agus na géabha fiadháine ag
gabhail thart. Tá tuairt air. Níor mhiste sin, dá mbadh
rud é a bhainfeadh an ghaimh as an uair. Tá a fhios ag mo
chroidhe go bhfuil na daoine craiplighthe leis an bhfuacht]/ Tháinic
dubhachan cho mór an lá sin agus go sílfeá go raibh an t-aer
buailte ar an talamh. Níor léar duinn na fataí am dinnéir.
B'éigin solus a lasadh / Dubhachan toirnighe é, nó tá sé féin agus a
chosamhlacht in aghaidh a chéile. Leagadh sé air anois, feadh agus an
"cheathramhadh" seo a bheith thuas agamsa. Níl aon-tuilleamaí agam
leis. Tá mo chuid coirce agus féir clúduighthe /[D'eirigh dubhachan ar
an bhfairrge. Shíl muid idtosach nach raibh ann ach an rosamh,
sin nó smúit rabharta. Ach mo léan géar. Ba ghearr gur shéid
sé in a gheal-stoirm. Bhí an nathair talmhana againn an lá sin
agus muid a bheith ar an gcaladh roímpe. Ní raibh aon-churrach
a rinneadh ariamh indon í a bharruidheacht]/ Tá dubhachan mór
déanta agad bail ó Dhia ort (: an-lear scríobhnóireachta). Ag

scríobhadh ag do bhuachaill atá tú bail ó Dhia ort. Ní chuirfeá an méid sin i leitir "dole" ar aon-nús (: nós) / Tá an luadhán siúd ag déanamh dubhachain ar chuma ar bith. An mbeadh a fhios ag aon-duine faoi na brait céard atá sé a scríobhadh. Nathuidheacht is dóigh /[Tháinig "Gaedhilgeoir" go dtí muid thoir ar an mbóthar anuiridh, agus thosuigh sé ag fiafruighe dhaoinn (: dínn) an raibh aon-sean-scéal againn. D'ionnsuigh orainn ag scaoileadh aige. Mara bhfuair an fear sin bréaga ní lá fós é. Ach dheamhan ar mhiste leis. Chuir sé síos idir mhaith agus olc iad. Rinne sé dubhachan ar an leabhar deirimse leat]// Bhí dubhachan na sráide de dhaoine ann = dubhadh na sráide (fc. dubhadh) /[Bhí dubhachan na gcnoc de bheithidhigh aige = bhí na cnuic breac-ballach le beithidhigh aige = bhí na cnuic faoi bheithidhigh aige]/ Bhí dubhachán an bhóthair agus na páirce de dhaoine ann. Badh é an t-oireachtas is mó a facthas ariamh annseo é. Dhá dtuiteadh biorán beag is ar chloigeann duine a thuitfeadh sé /

Dubhachan — briathar — [Is coitianta in a ainm-fhocal ná in a bhriathar é.] Tá an spéir ag dubhachan. Tabhair dubhachan air. Chugad an dórtadh! / Tá bun na gaoithe ag dubhachan go mór le tamall. Dheamhan a fhios agam nach dtiocfaidh an chuid eile de'n lá ceáthannach. Déan deabhadh anois go gcrapaidh muid linn! / Tá an Sunda Salach ag dubhachan. Tiubharfaidh sé cnáimh le creinneadh dhuinn an ghlaicín fhéir sin a bheith buailte ar a chéile againn shul á thiocfas an dórtadh / Breac-aimsir í. An t-aer ag dubhachan agus na léasáin sin ann gacha le leath-uair. Ní ghabhfainn i mbannaí nach gcaithfeadh sé tuile gan mórán achair / Tá tú ag dubhachan bail ó Dhia ort = ag scríobhnóireacht / Tá na fataí ag dubhachan anois = an dubhachan ag teacht orra; iad ag seargadh leis an dubhachan / Tá sé ag dubhachan thíos annseo. Féachfaidh an bhreaclach sin leis é freisin = ag deargadh / An bhfuil aon-rath ort ag dubhachan (: ag cur fhataí). B'fhearr dhuit cupla lá a thabhairt dom le garrdha Ú. Mh. Tá "an craiceann" siúd indon thú a chur ar do mhiotal. Ní ag tabhairt guth oibre ort atá mé chor ar bith, ach go bhfeicfidh mé cé'n gníomh atá ionnad le talamh, nó an bhfuil tú cho maith agus atá do cháil. Chuala mé ag muintir na M. nach raibh cinneadh

leat ag dubhachan, agus dheamhan a bhfuil daor-bhasctha dhaom (: dhíom) féin / Bhí an garrdha dubhuighthe (dú-aí) againn ach ar tháinic S. G. aniar trathnóna. Ba shin lá oibre: is fhearr é ná píosa talmhana go h-árd. M'anam go raibh agus dubhuighthe glan (: ní cur maoilscríobach nó gaedhealach a thug muid air) / Tuairim agus cion lae d'fhear mhaith atá dubhuighthe ann, th'éis go bhfuil seisean seachtain leis. Ach níl aon-bhrigh ins an ngeospailín údaidh, thé (: cé) nach raibh aon-chailleadh ag obair air scathamh. Tá sé leathta uirre siúd ar aon-chor / Chugad a gharrdha! Má sheasann láigheannta dhomsa dubhóchaidh mé talamh as seo go dtí lá buidhe Bealtaine seo chugainn le congnamh Dé! Dhá bhfaghainn aire mhaith dhéanfainn é arsa tusa, ach is deacair d'fhataí tura a bheith ag comórtas le togha na feola mar atá sé seo thoir a chaitheamh /[Diabhal an féidir go bhfuil an dá chúl sin dubhuighthe aige leis féin le seachtain. Gínn é! Bheadh ciall in a leithide. Is aoibhinn do'n bhean a phósfas é. Ní taobh le min bhuidhe a bhéas sí Lá Fheile San Seáin (: beidh sean-fhataí aice)]/ Dubhuigheann siad congnamh maith de "phíosa" talmhana 'chuile lá aindeoin go ndéanann siad a gcuid freastail féin. Ach is suarach an t-iong-nadh é! Bíonn siad amuigh leis an scairt-mhaidin agus ní scuireann siad go mbíonn an dubh ar an oíche. B'fhurasta do 'chuile dhuine dubhachan a dhéanamh dhá dteigheadh sé di cho dubhshlánach sin — as cosa idtaca. Ach fágfaidh siad in a ndiaidh é cho maith leis an té a ghlacfas an saoghal go réidh! /[Dar príosta muise ní dhubhóchaidh sé an oiread de'n chraiceann sin de rith agus de léim mar a rinne sé leis an gcoinnleach. Tá an craiceann siúd deacair. Bainfidh sé siar as é]/ Tá dubhachan mór déanta aige — garrdha na h-A., agus an M., agus is gearr go mbeidh an Bh. Bh. dubhuighthe freisin aige. Thiubharfadh cupla lá eile iarracht mhaith air. Is beag an stró air siúd talamh a dhubhachan. Níl leisce ná drugal air. Tá sé cho sanntach ar an droch-lá agus atá sé ar an lá breagh /[D'fhan siad thuas annsin go raibh an cheapach dubhuighthe aca aindeoin go raibh siad dhá gcaidhleadh le sneachta. Dheamhan duine ar na mbaile nach raibh na bonnaidh-eachaí le splainc aige, agus iadsan i muinín a gcroidhe agus a gcruite ag deargadh talmhana]/

dóirteadh, dórtadh: Briathar, Ainm-fhocal

[Fuaim r caol go h-iondamhail cé's moite de'n uair a chialluigheas sé "downpour", (: báisteach, sneachta agus rl). "Dóirteadh", "dórtadh" an uair a bhíos caitheamh le fánaidh i gceist. Ins an mbriathar "dóirtim" "dóirtthe" (dóirtí) agus rl.].

dóirteadh, dórtadh = lacht a fhalmhú as soitheach; rud a fhalmhú as an áit a mbíonn sé, fearacht mar a falmhuighthear lacht as soitheach; cur mór; báisteach, sneachta (agus rl.) griodánta; caitheamh nó ceann le fánaidh, fánán maith; bád ag seoladh go sciobtha le cóir mhaith.

Dhóirt sé an bainne, an t-uisce agus rl. / Dhóirt tú an canna uisce orm = ba agamsa a bhí sé, nó chuir tú amach ar mo chuid éadaigh é / Go leigidh Dia slán a mháithreach! Tá 'chuile dheoir go thóin de'n cheaintín bainne dóirtthe ag an raibiléara. D'imigh an diabhal ar a cuid dodaighle / Is beag an dochar de'n uisce a bheith dóirtthe, lá agus gur leag tú ar forbhás annsin ar an mbord é /[Dóirt isteach annseo an t-uisce / Dóirtighidh amach ar an tsráid anois é. Níl aon-mhaith eile leis]/ Dóirt a bhfuil d'fhataí ins an gcliabh sin amach annseo ar an urlár (: cuirtear an rud seo i gcosamhlacht le lacht dá leigean amach as soitheach. An chuma chéadna a ndéantar an dá ghníomh) /[Dhóirt an laisc bhradach a raibh de "mheangeals" ins an mála amuigh ar an tsráid, aindeoin go bhfuil mo theanga caithte agam ag rádh léithe a ndóirteadh thoir ins an scioból. Aon-mhaith amháin a bheith le cuid de na daoine!]/ Dhóirt sé a raibh d'airgead aige amach ar an mbord gur comhaireadh é. H-ocht déag agus sé pighne a bhí ann idir airgead glas agus airgead ruadh. Ba mhian leis a shárú in a dheidh sin go mbadh cheart dó an punt glan a bheith aige / 'Séard atá le déanamh agad a bhfuil de bhioráin ins an mboiscín a dhóirteadh amach ar an mbord, go bhfeicidh muid cé mhéad atá ann. Níl sé taobh le céad déarfainn / Chonnaic mé ceannuidhe (: mála) thíos tigh S. Mh. S. ag dóirteadh sparán gineadhach -aí amach ar an mbord lá, agus dheamhan gine de leath-chéad gine nach raibh ann. Meadhann tú cá'r eirigh siad leis. Bhí siad aige ar aon-chor / Cé a dhóirt an cliabh móna? Tá an ballséire ceart le millteanas ar chuid de na daoine / Tá fuil dóirtthe ó thosuigh an cogadh seo, agus dóirtfear tuilleadh di mara bhfuil ag Dia. 'Sé a chosamhlacht gur in a thús

atá muid. / Dóirtfidh mé 'chuile dheoir fhola in do chorp a spriosáinín bhradaigh mara leigidh tú de do chuid sceaimhínteacht'. Is mór an tsean-mhóir thú idteach ar bith / Sin é an pas is mó ar dóirteadh fuil ann ins an tír. Is iomdha duine nachar thug a bheannacht do'n cheann bóthair sin. Má's é L. Th. Sh. féin é, scar sé le cuid dá chuid fola ann /[A Thighearna Dé nach h-iomdha fuil atá dóirtthe ó'n gcéad lá ariamh ar sheas an Sasanach in Éirinn. Nach h-iomdha fear maith a chuir siad dhá chois, ní áirmighim an dícheannadh a rinne siad ar mhná agus ar pháistí. Ná raibh Dia leo anois mara bhfuil siad fhéin dhá fáil garbh / Ní mór fuil a dhórtadh in ómós Mhártain. Glacfaidh sé roimhe é, ach ní ghlacfaidh sé tada in a dhiaidh]/ Dhóirt Chríost a chuid fola ar Chrann na Páise le muide a cheannacht ó cathuighthe an Diabhail. Nach beag an chuímne a bhíos ag cuid de na daoine air sin. / Ní chomhnóchaidh an t-aidhbheirseoir seo thíos go ndóirteadh sé fuil. Ní h-iad bara-mhaintí a leasa atá faoi le fada an lá. Dar fiadh muise, má bhíonn bás ná bascadh aonduine air, íocfaidh sé ann go daor docharach. Ní hé an saoghal atá anois ann a bhí ariamh ann. Má ghníonn tú an choir ídeochthar ort é. /[Dóirt amach cupán caifí do Sh. An té nach bhfaghann an fheoil, is mór is fiú an eanradh (anbhruith) adeir siad. Tá an tae ídighthe]/ Tá an brachán dóirtthe = tá an carthannas caithte. (fc. brachán) / "Is beag an mhaith bó ar bith a dhóirteas a cuid bainne" = (sean-fhocal) Níl aon-mhaith dhuit a bheith i gcruth maitheasa, oibre, soilghis nó eile a dhéanamh, má bhaineann tú an mhaith as aríst, má mhaoidheann tú, nó má mhilleann tú é / Tá déantús maitheasa in a bhean, ach cé'n maith sin, má imigheann sí ó na cuid oibre le staiceamhlacht, agus gan í leath-déanta aice. Is beag an mhaith bó ar bith a dhóirteas a cuid bainne / Tá sé indon an t-airgead a shaothrú. Níl leisce ná leontuidheacht air, ach ólann sé é aríst go dtí an phighinn deireadh. Cé'n mhaith bó ar bith a dhóirteas a cuid bainne. /[Thiubharfadh sí a mbeadh istigh faoi chaolachaí an tighe dhuit scaithtí, ach b'fhéidir gur teacht go dtí thú dhá iarraidh ort a dhéanfadh sí lá'r na bháireach. Is beag an mhaith aon-bhó a dhóirteas a cuid bainne]/[Thug sé dhá lá dhom anuiridh ag cruachadh móna, agus níor tháinig iabh air ó shoin ach dá maoidheach -táil orm. Ní maith ó maoidhtear agus ní eineach ó iarrtar

adeir siad. Is beag an mhaith í an bhó a dhóirteas a cuid bainne]/
Dhóirt an bád le fánaidh ins an ngaoith = an uair a bhíos an-chóir
ag bád, agus an-tsiubhal aice roimh an ngaoith, bíonn sí ag
"dóirteadh le fánaidh" nó "ag dóirteadh síos". /
"Dhóirteamar le fánaidh thrí fhairrgí a bhí cáithte
Gur shroicheamhar an Ráth ó's ann a bhí ar dtriall" (An Caiptín
Máilleach) /[Tá sí ag dóirteadh le fánaidh anois is san ngaoith.
Ní mór dóibh a bheith áirdeallach. Is fánach an chaoi a gcaithfí
thart an seol. Tá an-ropadh ann. Is gearr a bhéas siad ag dul siar
má mhaireann an chóir sin, ach níor dóighide rud dó,
ná a theacht in a lagar as deireadh an lae]/ Bhí muid creinnte
le chéile ag an gCeann. Choinnigh sé i bpíce liom scathamh maith. Ach
an uair a tháinic sí teann (: an ghaoth) agus as sin in a gaoith mhór,
cheangail seisean
cúrsaí. Thug mise cead di dóirteadh le fánaidh roimhe, in a cuid
éadaigh ar fad. Bhuail mé caoch é. Ní raibh amharc air ag Cora an
Chaisleáin / Tá dóirteadh síos ann = tá dóirteadh le fánaidh ann =
tá an-chaitheamh nó an-cheann le fánaidh ann = tá fánán mór
ann /[Níl aon-áit ar an mbóthar is mó a bhfuil dóirteadh
síos ann ná é. Is contabhairt cheart a dhul ar "bhicycle" gan "brakes"
mhaith ann]/ An bhfaca tú Árd Gh. Uí L. ariamh. Sin é atá ag
dóirteadh le fánaidh. Tá mé ag ceapadh nachar rugadh ariamh an
capall a thiubharfadh tonna in a aghaidh. Dhá dtugadh, níor mhór an
tír ag sáitheadh léithe / Ná bac le dóirteadh le fánaidh. Is strapadh
ceart é. Níl na h-alltraca sin thuas ionga ná orlach níos
measa. /[Ní casán do chapall ná d'asal é. Tá an iomarca dóirteadh
síos ann, agus é ro-aistreánnach. An té atá i gcleitheamhnas an chasáin
siúd le feamuinn a chur as an gcladach beidh sé ar deireadh. Dar
mo choinsias níl sé ionrásta ag duine féin a dhul ann — tada
leis / An bhfuil a fhios agad an áit a bhfuil an bóthar ag dóirteadh
síos, thíos in aice le tigh Ph. Th. Sin é an áit a bhfuil siad ag obair anois.
Tá siad ag baint an aird mhóir agus an chuir as. Theastuigh sin uaidh. /
Tá an-dóirteadh le fánaidh soir ins an ngarrdha údaidh agus é an-ghleannach.
Bheadh duine thoir ann bliain, agus dheamhan a bhfeicfí é, mar dtugadh sé
é féin le teasbánadh]/ Tá sé in a dhórtadh báistighe = ag cur bháistighe go

daingean / Is gearr uaidh dórtadh sneachta / Ní bheidh an féar craptha
againn roimh an dórtadh / Chaith sé (chuir sé, rinne sé) dórtadh aréir /
Tá an aimsir ag tarraint sílim. An uair a dhéanfas sé í, déan-
faidh sé dórtadh / Dórtadh báistighe atá ar an duibhthean sin thiar.
Is furast' aithinte air /[Teigheamuid ar fascadh. Tá sé in a dhórtadh /
Ní raibh aon-mhaidin ariamh inchinnte uirre, ach má'seadh tháinic
sé in a dhórtadh roimhe thrathnóna / 'Bhfuil sé ag báisteach …
Tá sé ag dórtadh. Ní leigfeadh sí luch as poll ná diabhal
as Ifreann a dhuine sin / An bhfeiceann tú an chuma atá air ag dórtadh,
agus mo chuid féir uiliog leigthe amach. Gheobhaidh sé amluadh anois /
Bhí poitín in a dhórtadh ann = bhí poitín in a spré mhóin, in a
shnáth mara, go barr-bachall ann]/ Ná bac le ól! Bhí sé in a
dhórtadh ann. Thiocfá ar snámh ann / Bhí sé ag tabhairt phórtair uaidh
annseo thoir faoi'n Nodlaig in a dhórtadh. Is maith é Sasana in a dheidh sin.
Mise i mbannaí gur beag 'e bhrabach atá le fáil ar an té a d'fhan
ins an mbaile. Beidh sé sin in a scráibín i gcomhnuí / Má tá
aon-tsaint agad in ól, tá sé in a dhórtadh istigh annsin, agus gan
fear a ólta ann. Tá siad tolgtha dó (: de) ar fad. Tá siad torrthach
leis / Tá an dórtadh as do chuid éadaigh. Bain daot (: díot)
go beo iad agus cuir malrait éadaigh ort féin nó tolgfaidh tú an t-
éag asta sin. Cé'n chaoi a ndearna tú líbín mar sin daot (: díot)
féin? Ar thom tú thú fhéin ins an abhainn? /[Tá dórtadh uisce as do
hata. Caith dhaot é go beo, agus ná bíodh sé ag rith síos le do mhuineál /
Ní ag leigean thríd atá sé ach ag dórtadh. Ní choinneochaidh an
soitheach seo aon-deoir uisce dhaoib níos mó. Tá sé réidh leis, mara
dteighidh an-stuipéad ann. Ar an gcaoi sin féin tá sé réidh. Tá
an iomarca méid' ins an bpoll atá air]/ Beannacht Dé dhuit! Ná
samhluigh a chuid bróg sin liom, maran leat corruighe intinne a chur orm.
Cheannuigh mé péire an lá cheana uaidh ar dheich agus dhá fhichead. Ní raibh
siad seachtain ar mo chois, an uair a bhí an dórtadh isteach
thríotha. Dheamhan focal bréige atá mé a dhéanamh leat. Luach mo
dheich agus dá fhichead, níl díon deor ionnta. Nach shin é an scrios
i dtír! /[Tá na "Wellingtons" seo an-díonmhar cé's moite de'n pholl
sin. Tá an dórtadh isteach annsin. Is dóigh go ndéanfadh paiste é
a chuirfeá ar "bhicycle". 'Sé mo mheas go ndéanfadh.]/

dinndiúirí = ní baintear aon-leas as ach ins an iolraidh.

dinndiúirí = (i) comharthuidheacht nó cruthú, nó páipéir a theasbáineas go bhfuil gradam áirid agad: go bhfuil tú in do dhochtúr nó in do mháistir scoile, nó in do sheilbhéara agus rl. [Deirtear go h-áirid le dochtúr é. Ní abróchaí le sagart é]. (ii) Cairteanna nó páipéir dhlí, nó a leithidí. (iii) Caint, caibidil nó cailicéaracht a bheadh ag dul i gcosamhlacht leis an gcineál cainte a bhíos i gcairteanna i bpáipéir dhlí nó ag dligheadóirí, nó a leithidí.

B'fhéidir dhó a bheith cho maith le dochtúr ar bith, ach níl a chuid dinndiúirí aige in a dheidh sin. /[Níor thug an dochtúr sin amach a chuid dinndiúirí chor ar bith. Deir siad gur eirigh sé as shul ár chríochnuigh sé / Tá an-dinndiúirí ag an dochtúr sin, adeir siad, agus níl rath ná ríoghacht air 'na dheidh sin. Má thóigeann an bhróig léas ar do sháil, fuadóchaidh sé isteach ag an aspuicil (: óispidéal) thú / Níl annseo ach gobán de dhochtúr. Níl dinndiúirí ar bith aige. Bhí sé cho dóigh dhó an oiread a mhilleadh agus a leasóchadh sé fút.]/ Dhá bhfáightí amach air é, ghabhfadh sé daor air. Níl aon-bhaint ag dochtúr ar bith láimh a leagan ar dhuine mara bhfuil a chuid dinndiúirí amuigh aige / Dheamhan dinndiúirí máistir scoile aige ach an oiread liomsa nach(ar) chaith lá ag an scoil ariamh. Is beag dhá chuid cluanuidheacht' sin a bheith ag rádh go bhfuil sé in a mháistir scoile. Ó a chaith sé an t-achar ag coláiste, caithfidh sé a rádh go bhfuil na dinndiúirí aige cho maith leis an té a mbeadh. / Sin iad na dinndiúirí mar siúd. Lasfaidís an sean-dúda dhuit mar a lasadh na seiceannaí "fálse" do Mh. Ch. é / Ní raibh sástuigheacht ar bith air le na dinndiúirí a thug sé amach 'un tosaigh. Chuaidh sé isteach aríst le bheith in a árd-dhochtúr agus chinn air. Nuair a chinn, chaith sé suas ar fad é agus scuab leis go Meiriocá. Níor fríoth-adh aon-dé ó shoin air. /[Chaith sé an tsíorruidheacht ag imeacht ag coláiste ach go leághaidh an diabhal dinndiúirí aige indiu ach an oiread leis an lá ar thosuigh sé, ná ní beidh go ndéanfaidh Dia dearmad dó (: dhe) / Dá mbeadh sé in a mháistir scoile bheadh páipéir nó dinndiúirí eicínt aige le 'sbáint, ach an uair a d'iarr an sagart air iad, ní raibh le rádh aige ach gur chaill sé iad. Is maith an t-údar é, ba deacair dhó. Níor thug sé amach iad, le bheith aige.]/ Má's leat do chuid talmhan' a choinneál, ní mór duit dinndiúirí agus páipéir a bheith agad air.

Ní goire d'oigridheacht tú ná ceachtar de do chuid dearbhráthar. Má tá indán agus go bhfuighidh lucht an dlí aon-fhabht in do chuid cainte, ní bhfuighidh tú comhaireamh na sop, creid mé dhuit ann. Len 'aghaidh sin atá siad annsiúd / An uair a thiocfas an scéal faoi'n mbreitheamh annsiúd, is beag an mhaith dhuit tosuighe ag dilleoireacht agus ag rádh: "d'fhága sé agam é", mara bhfuil páipéir agus dinndiúirí agad air, de réir an dlí. Ní hé an dlí an ribín réidh deirimse leat. Ar chuala tú ariamh é: "teigheann an dlí do na daoine bochta mar a theigheas uisce an earraigh do na cearca" / Níl rud ar bith is mó a mbíonn dinndiúirí air ná talamh. Seo é an saoghal mara dtarraingidh tú dinndiúirí air, go mbeidh tú dhá fhuireasbhaidh. An bhfeiceann tú an giodán talmhan' a bhí aige seo thoir … / Tá an oiread dinndiúirí ar an teirghéis bheag sin de leath-choróin "dole", agus a bheadh ar dhúithche L. K. dhá mbeadh sí dhá díol. Níl aon-leota de pháipéar dhá bhfuil mé a fháil faoi nach ndéanfadh stráca do'n teach. Fuair mé ceathair nó cúig de cheanna le mí … /[Is áidhbhéil an lear dinndiúirí agus páipéir a chaithfeas fear a tharraint, le "leaibhrin rations" a fháil. Diabhal aithne orra nach féirín a bheidís a thabhairt do dhuine. Ní raibh aon-lá de'n ádh ar an saoghal ó 'thosuigh siad ag toidheacht amach]/ Nach aige atá na dinndiúirí agus an chailicéaracht. Shílfeá gurb é Caibhnsiléara na Sceiche (fc. caibhnsiléara) é annsiúd chois na teine. Níl nídh ó Fhlaithis go talamh nach gcuirtear faoi chaibidil annsiúd / Níor thaithnigh an ceann céadna ariamh liom. Tá an iomarca dinndiúirí cainte ar fad aige. Ní fhéadfá samhail ar bith a thabhairt dó ag scoilteadh cainte ach duine de na sean-phóilíos thíos ar R. D. a cheannuigh "cruib" mhóna anuiridh uaim. Dheamhan aithne a bhí air nach fear a bhí tóigthe aige faoi rud eicínt a ghoid. D'ionnsuigh air faoi'n móin. Cá'il an locht nach raibh uirre. Ag iarraidh mé a ghiorrú ins an margadh a bhí sé. "Tá an-fhonn ortsa caint a scoilteadh" arsa mise "ach mo choinsias 's dar m'anam mara n-íocaidh tú mise go beo deifreach, go scoiltfidh mise clár na baithse agad … " /[Cá bhfágfadh sé iad mar dhinndiúirí. Badh é an dlí an chéad-bhiadh ins an sliogán dó sin. Bhánuigh a athair é féin le dlí. Ní fhéadfadh sé labhairt ar thada ach ar an gceird chéadna sin fheacht agus áirid. Bhí sé sáthach tolgtha dhó (: dhe) ins an deireadh]/

damnú, damnuighim agus rl. = Briathar, Ainm-bhriathar.
damnú = mallú, mionnú, a chur as Flaithis ar feadh na síorruidheachta, a mheárú, a bhodhrú, biorán a dheanam dó, a cháineadh go mór.

Mhionnuigh sé agus dhamain sé nach raibh sé ann (cf. mionnuigh) / Deir siad nach ndamhnóchthar ach duine amháin lá an bhreitheamhnais. Chuala mé ariamh é / Anam ar bith a fhágas an saoghal seo i staid an pheacaidh marbh-tha, damnuighthear é. Sin é adubhairt an Teagasc Críostuidhe ar chuma ar bith / "Ach feacha gur damnuigheadh leanbh na chúig mblian, 'athair a's a mháthair a's é féin,
mar gheall gur thug siad toil dhó a bheith 'loscadh na mionnaí mór a's a' maslú Dé" [as Argóinteacht Oisín agus Phádraig] /
Aingeal geal ins na Flaithis a bhí ins an Diabhal — diúltaigh-eamuide dhó — idtosach. Ach damnuigheadh é faoi rádh agus go raibh sé ag iarraidh an chomhairle ar fad a bhaint de Dhia agus í a bheith aige féin / Ní dhamnóchtar a leinbh. Níl againn ach a bheith ag súil le Dia /
Ná bí do do dhamnú féin
leis = do do mheárú, nó do mheath féin, nó do do shárú féin ag iarraidh obair eicínt a dhéanamh, nó cur faoi ndeara do dhuine rud eicínt a dhéanamh agus gan aon -luighe aige leis. /[Fág mar sin é mar "bhicycle". Ní fiú dhuit a bheith do do dhamnú féin ag iarraidh a dheasú ar scáth an t-achar go mbeidh an bhail chéadna aríst air.]/ Níl a dhath maitheasa dhuit a bheith in éadan an chluig sin.
Dhamnóchthá thú féin leis, agus badh aon-mhaith amháin duit é. Tá a chuid deasú ar iarraidh sílim. Bain an tsreang de'n sparán agus fagh ceann nuadh.
Caithfidh tú é a fháil ar a shon sin / Dhamnóchadh duine é féin leis an gcruithneacht chéadna agus gan faice dhá barr aige ins an deireadh, ach a chuid talmhana spíonta. [Ná bac leis an gcruithneacht atá talamh na h-áite seo indon a thabhairt. Bhí Garrdha Mh. L. fúithe agam anuiridh, agus má bhí féin ba ghiobach an barr a bhí air]/ Is dona na gnaithí atá ort do do dhamnú féin le na sean-chlochair sin, agus fios agad nach réidhteochadh na Fiannta Éireann iad, agus bídís ar an saoghal indiu. [Ach níl aon-chomhairleachan indán do chuid de na daoine, nó go bhfágaidh an saoghal a shéala féin orra. An bhfeiceann tú M. Ph. Sh. annsin thoir, agus é sníomhtha de bharr a bheith ag plé le clocha]/ Tá mé damnuighthe ag an diabhlánach d'asal sin ag imeacht i mbradghail 'chuile ré soluis. Dar mo choinsias dá mbeadh an ghlaicín mhóna

atá annsiúd thuas amuigh, beadh a shliocht air. Gheobhadh sé ruaigeadh na Muice Báine 'nan aonaigh. Diabhal baoghal go mbeidh mise dhá bhuachailleacht níos fuide, agus mé sceannta ag an mbaile dhá fhuagairt 'chuile lá /[Tá mé damnuighthe ag an liúiste (: leoiste) sin thíos ag iarraidh tobac orm 'chuile oíche. Tá sé taithighthe annseo ar fad anois. Is dóigh go bhfuil cut (: cat) crochta roimhe is 'chuile áit eile. Níl aon-ghean ag aonduine é a fheiceál ag teacht isteach ar cuairt chuige]/ Tá sé damnuighthe le seachtain ag doigheach -aí. Sílim nachar chorruigh sé amach chor ar bith. Tá an chúilfhiacail siúd aige splanctha aríst! Luirg an diabhail dó nach dteigheann isteach agus a tarraint agus gan a bheith dhá buachailleacht mar siúd / Dhamnuigh (dhamain) an sionnach muid i gcaitheamh na bliana anuiridh. Th'éis an airdeall a bhí againn air níor fhága sé sicín ag gabhail linn. 'Sé a rinne an sladadh spleádhach, ní ag ceasacht ar Dhia é. Is gearr go bhfeicidh tú ag sireoir -eacht aríst é, ní ag tabhairt gutha air é. Bíonn cuain aca an tráth seo 'bhliain i gcomhnaí /[Tá muid damnuighthe ag an aisiléirín sin thíos, ag teacht dhá cheann de ló, ag sioscadh bréag. Níl cinneadh ar bith len a chuid cumadóireacht', ach diabhal mé leis an gceart a dhéanamh nach bhfuil thairis sin de dhochar ann, cé's moite de na paiteanna sin a chumas sé]/ Tá a bhfuil ins an teach damnuighthe aige anois, ag iarraidh imeacht go Sasana. Diabhal mise muis, go bhfaigheadh sé cead a chinn marach cho baoghlach agus atá an áit thall faoi láthair. An uair a bhí sé suaímneach, agus gan tada dhá chaitheamh anuas ann, ní raibh luighe ar bith aige a dhul ann. Ach anois níl breith bonn báis aige go mbeidh sé imighthe. Is beag dhá chuid contráilteacht' é mo léan / Tá mé damnuighthe ag bróga cumhanga atá do mo thógáil. Tá léas tóigthe aca ar 'chaon ladhairicín liom, agus ní mó ná go bhfuil siubhal an bhealaigh ionnam aca. Ach is ceart do na daoine a bheith buidheach agus a bhfáil mar sin féin agus cho gann agus atá siad ar ala na h-uaire /[Dhamhnóchadh an ceann céadna thú le caint agus cabaireacht. Dheamhan iabh a theagas ar a béal ó mhaidin go faoithin ach in a claibín muilinn mar sin ag síorádh léithe. Ach cá bhfágfadh sí é ach an oiread le scéal]/ Leig dhó fhéineacht ar fad agus ná tarraing ort chor ar bith é! Má thugann sé aghaidh a bhéil orainn damnóchaidh sé muid. Tá ruibh na cainte ceart air anocht / Ní fhéadaim a dhul soir i mbéalmhachaí an bhaile seo thoir beag ná mór nach bhfuil mé damnuighthe aige ag cur cumaoin' orm agus do mo tharraint isteach i dtighthe ósta as cosa idtaca. Ach is maith atá a fhios agamsa céard atá ag goilleamhaint ar an mbuachaill sin /

Go ndamnuighidh an diabhal (an míádh, an tubaiste, an catmara, an riabhach, an clampar agus rl.) thú le caoi a bheith ort! = eascainidhe / Go ndamnuighidh an clampar thú — croisim aríst thú! — marab ort atá an duthrudhach chuarta! I leabaidh suidhe síos duit féin agus péire stocaí a chniteáil mar atá 'chuile ghearrchaile de do leithide ins an tír a dhéanamh / Go ndamnuighidh an catmara agad é, nach mbeireann air agus é a chaitheamh amuigh ar an tsráid, agus gan na daoine a bheith thar bharr a gcéille ag éisteacht leis istigh annseo. Is furasta aithinte go mba deas an t-amhantar a thug sí duit. Dhá mba rud ar foghnamh é, is fada go scarfadh sí féin leis /[Go ndamnuighidh an tubaiste a clab truisc. Nach gann a chuaidh an saoghal uirre, má sin é anois a raibh len innseacht aice! Ach is cóir adeir siad an muileann a bhíos ag síor-mheilt go meileann sé mín agus garbh. / Go ndamnuighidh an catmara é mara beag an fiuntas é. Níor chumaoin dó muise thusa a leigean uaidh gan córtas eicínt a chaitheamh leat. Dar fiadh dhá gcastaí thusa air ag béal do dhoruis féin, is beag an baoghal go leigfeá thart é, gan fiafruighe dhó (: dhe) an raibh béal air.]/ Damnú síorruidhe air, an cimleacháin -ín, mara maith a fuair sé ann féin a dhul ag maslú bean ar foghnamh. Foighid ort go gcloisidh a h-athair é. Ní ag comhaireamh na gcoisméagachaí len a dhá choisín bhasacha a bhéas sé, leabharsa, má fheiceann sé é siúd ag teacht! / Damnú síorruidhe air! Bleitheach eicínt aníos as conndae an Diabhail Bhuidhe, nach dtuigfeá aon-cheo de'n lapair -eacht atá aige, ach an oiread agus a thuigfeá lochán lachan, ag rádh nach raibh Gaedhilge ar bith ag muíntir na h-áite seo! Mara bhfuil, chidh Dia muis, nach mórán slacht atá ar an nGaedhilge atá aige-san! / [Damnú síorruidhe air agaibh mar phósadh, caithigidh suas feasta é. Tá sé in am agaibh a gceart cainte a bheith déanta agaibh faoi. / Damnú síorruidhe ar an bpoitín céadna! D'ól mé scáird indé dhó, agus go deimhin má d'ól féin, ní bláth ná biseach a chuir sé orm. Dair (: dar) leat, tá roth na glinntigheachta istigh in mo cheann ó mhaidin aige / Damnú síorr -uidhe air, an dailtíneach bradach, is tú adubhairt lom-lán an chirt leis. Nach sonnda an mhaise dhó é! Dheamhan aithne air, nach duine é atá i riocht gníomh eicínt a dhéanamh! / Damnú síorruidhe air mar shneachta. Níl oiread agus caorán móna ar an teallach agam ó am suipéar aréir, agus níl aon-asal in araidheacht a dhul 'na phortaigh indiu ach oiread le indé. Shílfeá gur dúil atá ag an aimsir bothae a dhéanamh de na daoine!]/

damanta, damantach = Aidiacht

damanta, damantach = malluighthe, míonósach, mioscasach, míostáideach, dalba, diabhalta, mío-chomhairleach, dona, olc, uathbhásach, millteach, bioránach, díbheirgeach. [Bíonn an dá leagan — damanta, damantach — ar an bhfocal seo].

"Má's peacadh a bheith buidhe, tá na mílte damanta" = [sean-fhocal] = má tá rud áirid contráilte, mí-cheart, mí-chuíbheamhail, éagcórach, nó as compás, tá gach uile dhuine cionntach, mar is rud é a ghníos gach uile dhuine / Ní fiú puintín bioráin an méid sin a dhéanamh as bealach, a dhuine chroidhe. 'Ar ndú' má's peacadh é bheith buidhe nach bhfuil na mílte damanta mar adeir an ceann eile / Ghoid tú cupla uailín móna ar chruadhóig! Bíodh unsa céille agad a dhuine sin! Ar chuala tú ariamh é, má's peacadh a bheith buidhe, tá na mílte damanta. Bíodh a fhios agad an méid sin! /[Ná tabhair áird ar bith ar fhocla de'n tsórt sin. Ní aige-san amháin atá siad. Má's peacadh a bheith buidhe tá na mílte damanta]/ Tá eitinn ionnta! Dar príosta muise mara bhfuil le casadh leo ach an méid sin, ní cás dóibh é. Má's peacadh a bheith buidhe, tá na mílte damanta. Ní h-ionann anois agus ariamh. Bhíodh náire ar dhaoine fadó a amhdachtáil go mbeadh sí in aon-duine a bhainfeadh leo, ach níl ceilteamas ar bith aca anois air. /[Chuala mé gur buaileadh P. go damanta Oiche Fheil' Stiopháin. Tuilleadh ghéar do'n diabhal aige. Is fada é dhá thuaradh sin dhó féin]/ Níl sé ag sioc an-damantach anois. B'fhéidir gur gearr uaidh claochmú / Is damanta an rud a rinne sé, a láimh a thógáil ag an sagart. Ní dhéanfainn é dhá ndéanadh Dia Diarmuid díom / Is damantach an chaoi atá air. Níl snáth de na seacht n-éadaigh air, ach ag imeacht mar sin ins na briollachaí. Is geall le ceannuidhe mála é /[Is damanta an lear oibre atá déanta aige le seachtain. Mara mhaireann dó ar an dubhachan siúd, beidh siad curtha aige Lá Fheile Pádraig.]/ Nach damanta an conuas fir é. Luighe fiadha a bhí a chur air le fadhb. Duine ar bith a dhéanfadh cleas de'n tsórt sin bheadh sé sáthach maith aige /[Nach damanta na goithtí atá aige. Diabhal mé go sílfeá gur leis féin an baile / Ba damanta an cleas dó a dhul ag baint an ghiodainín talmhana sin do na dílleachtaí bochta. Déarfá go mbadh bheag an tsúil le Dia a bheadh ag duine ar bith a bhuailfeadh faoi.]/ Deir siad go bhfuil Iúdás damanta. 'Sé a rinne spiadóireacht ar Mhac Dé / Tá sé sin damanta má damnuigheadh aon-duine ariamh — ach diúltaigheamuide dhó. Tús na breithe ag Mac Dé! Bhí sé go suarach, go ndéanaidh Dia grásta air! /

dí-chúis = ainm-fhocal, buineann
dí-chúis: dochar, díoghaltas, sásamh, mío-stáid, míonós, rud a chur as
duit, gan déanamh cho maith agus a bheadh tnuthán leis; gan bisiughadh; éagcóir

Rinne sé dí-chúis dom. Leag sé a raibh de chlaidheachaí ar na barra
garbha agam agus gan a dhath údair aige leis, ach lá annseo ar iarr sé an
carr orm le aistir móna a thabhairt abhaile. Ní raibh aon-ghoir
agam a thabhairt dó an lá céadna thar laetheantaí an domhain,
arae bhí mé féin ag feamnadh an lá céadna. Dubhairt mé leis
mara raibh aon-dlúthas mór leis, é a fhágáil go dtí an lá dár gcíonn,
agus go bhféadfadh an carr a bheith aige ar feadh an lae. Ach d'imigh sé uaim
mar a bhuailfeá ar an gcluais é. Ó'n lá sin go dtí an lá atá indiu
ann, tá smut air liom /[Dheamhan duine ar fhéad sé sin ariamh é
nach ndearna sé dí-chúis air. Tá fíor-dhroch-chroidhe aige. Is bró
mhuilinn dó sin a shaoghal mar is mór leis 'chuile dhuine, ná rud ar bith
a bheith ag an gcomharsa]/ Má ghníonn sé dí-chúis ar bith dhuit íocfaidh
sé ann feicfidh tú fhéin air. Fuagair do'n phóilí é agus ceannsóchaidh
sé sin é deirimse leat. Má chuireann sé aon-cheo as duit thairis sin
gheobhaidh tú a luach. Ná bíodh faitíos ort /[Ná cuir chuige ná uaidh. Tá
an droch-fháisc annsin. Is maith éascaidh a dhéanfadh sé dí-chúis dhuit
dhá gcaitheadh sé in a cheann é. D'orduigh Dia an anachain a sheachaint]/
Rinne an bhudóg sin dí-chúis dom. Bhí an-ghealladh fúithe, ach níor tháinic
biseach ar bith fúithe mar sin fhéin. Th'éis gur choinnigh mé í le leath-
bhliain ag ceapadh igcomhnaí go raibh údar maith innte, agus go sceinnfead
sí amach, dheamhan ionga ná orlach a tháinig uirre ó shoin. Ní bréag ar
bith dhom a rádh go ndearna sí dí-chúis dhom /[Cé'n chaoi a ndearna
sí dí-chúis dom? Breathnuigh ar a comh-aois de bhromach: é sin thiar
ag M. Dhá bhfaighteá-sa breith agus dá roghain ar an bpéire, cé aca a
thóigfeá? … Ceann M. d'eile. Agus annsin déarfaidh tú nach ndearna mo
cheann-sa dí-chúis orm féin]/ Níl beithidheach ar bith is mó a dhéanfadh
dí-chúis ar dhuine ná an "breed" mór sin. Bíonn an-bhiseach fútha an uair
a bhíos sé fútha, ach níor dhóichide sin ná go bhfanfaidís in a ndubhradáin
dona ar nós an ceann sin thiar ag J. Th. Níl rath ná righeacht air sin /
Níorbh fhearr leis sin ag ithe a bhéilí ná ag déanamh dí-chúis' ar dhaoine. Sin
é a bhuac. 'Bhfaca tú an cleas a rinne sé ar L. an uair a d'eitigh sé é faoi'n
inghin. Chuir sé caiple na dtinncéaraí uiliog isteach in a chuid cuir, gur thalltuigh
agus gur rómhair agus gur fhogluigh siad é as cnáimh éadain. Anois a bhfuil biseach
agad? /

dóigh = ainm-fhocal; buineann; ní bhíonn aon-iolraidh air. [Fuaim: an fhuaim chéadna le dó] Dóigh = díol, údar, ábhar, ceap, ballséire; caoi, bealach, deis, riocht, staid, bail, beart; deis, leigean, seans; baramhail, dearbhthacht, cinnteacht, fírinne; áit a mbeadh rud le fáil, áit ar dhóigh de rud áirid a bheith ann; braithteoireacht, idir dhá chomhairle.

Rinne siad dóigh mhagaidh dhó (dhe) = údar magaidh, ceap-magaidh, bothae, ballséire nó baileabhair. / Tá S. in a dhóigh mhagaidh ag an tír. Níl áit ar bith dhá mbíonn sé anois nach mbíonn cluiche cruinnighthe air ag séideadh faoi /[An síleann tú gur dóigh mhagaidh mé go mbeitheá ar an gceird sin liom. Mo choinsias 's dar m'anam, mara n-eirighidh tú as anois go beo sciobtha, ní h-iad do chosa féin a thiubharfas as ball na h-áite thú deirimse leat]/ Má's dóigh mhagaidh atá sib a iarraidh, ionnsuigidh duine eicínt eile. Tá sib ag plé leis an gceann contráilte ar ala na h-uaire. M'anam ó'n diabhal gur sonnda an mhaise dhaoib é — grabairí mar sib! /[Ní fhaca tú aon-dóigh mhagaidh go h-iomaidh mar é. Tá an dream seo síos ag saghdadh faoi d'aon-uaim amháin, agus ag rádh leis nach bhfuil air ach a dhul siar agus inghean T. S. a iarraidh, agus go bhfuil sí le fáil aige. Meastú nachar tháinig sé tigh Sh. aréir agus é gabhtha gléasta faoi "chollar" agus faoi "tie". Anois an bhfuil biseach agad?]/ Is túatach an cheird atá orra ag déanamh dóigh mhagaidh mar sin de shean-fhear bhocht atá ins an aois leanbuidhe mar atá sé. Dheamhan an dóigh beirthe é, nó eireochaidh sé ins an gceann air. Ní bheadh locht ar bith a dhul ag spochadh len a leithide eile féin, ach tá sé mór aca a dhul ag suidhe i mbun sean-duine mar sin / Tá sí caillte le cás agus náire faoi'n deis atá ar an athair ag imeacht — in a dhóigh mhagaidh ag an tír. Deir tú leis a tháinic abhaile as G. an oíche faoi dheireadh agus cóiste cínn faoi, agus é ag rádh le 'chuile dhuine dhá raibh ag castáil leis go raibh inghean Lord C. len a phósadh, ach nach bpósfadh sé í mara dtugadh a h-athair an teach mór di. Sin é an "óinseach" agad / [Shílfeá go bhfuil siad ag déanamh dóigh mhagaidh dhíot d'aon-cheird. Má ghlacann tú mo chomhairle-sa, fanfaidh tú uatha, agus ní bheidh baint ná páirt agad leo. Scaibhtéaraí maithe iad sin. Ní tada eile iad]/ 'Sé déanamh an mhagaidh, dóigh an mhagaidh = 'sé déanamh an mhagaidh díol an mhagaidh [sean-fhocal. fc. "díol". Cuirtear dóigh in áit díol ins an sean-fhocal go minic] / Rinne sé dóigh ar fad dhe [in áit dóigh mhagaidh a rádh, is rí-mhinic nach n-abruighthear mar seo ach dóigh amháin, agus bíonn roint beag céille le cois ann scaithtí] / An rún atá agaibh dóigh a dhéanamh dhíom = díol magaidh / Is maith gasta a dhéanfaí dóigh annseo anois dó, dá lonnuigheadh sé achar ar bith ann. Ach is rí-mhaith atá a fhios aige sin. Chroch sé a chuid seolta leis, cho luath agus a fuair

sé an deis / Is diabhlaí dúlaidhe a bhíos sé a dhul ag déanamh dógha de 'chuile dhuine. Mise imbannaí gur deacair drannadh leis féin — gur deacair sin /["Boss" réidh go leor é. Mara bhfeiceadh sé thú ag déanamh dógha de'n scéal ar fad ní abróchadh sé tada. Bhí mé féin agus M. Bh. annsin thiar anuiridh ag baint chlocha reatha ingarrdha D. Shuidh muid síos agus na piocóideachaí caithte uainn againn. Diabhal easna dhó nachar théaltuigh aniar, agus ní fhaca muid ariamh ariamh é, gur rug sé ceart críochnuighthe orainn. Meastú céard a rinne sé: a dhruim a thabhairt duinn ar an toirt … Chaithfeadh sé T. Mh. a bhriseadh. Rinne sé sin dóigh dhó (: dhe) amach is amach. Fear ar bith a leagadh an barra uaidh os a choinne agus a chuireadh péire uileannachaí air fhéin ag dradaireacht le 'chuile bhean a theigheadh thart an bóthar]/ Má's leat dóigh a dhéanamh de'n scéal ar fad, sin é atá agad a dhéanamh. Meastú an éistfidh duine ar bith leat ar an gceird sin. Má shíleann tú go n-éistfidh féach leo é. Ar a fhéachaint a bheidh a fhios é / Réidhteach a dhuine! Réidhteach. T'anam ó'n Diabhal, ní fhéadfaidh tú dóigh a dhéanamh de'n scéal ceart críochnuighthe. Nach feasach duit féin cho maith agus is feasach domsa má ólann tú a leath sin, agus uisce a chur thríd an gcuid eile, go mbrathfaidh sé é. Is air nach mbeidh an mhoill. Nach furasta aithinte dhó é! /[Dar príosta ní féidir dóigh a dhéanamh dhó (: dhe) cho h-éascaidh agus a cheapas tusa. Sáthach meabhrach atá sé an uair a thogruigheas sé féin é. / Is dóigh grinn thú dá mbeadh a fhios agad é. Nach bhfeiceann tú céard a rinne tú?]/ Is maith an dóigh grinn duit a dhul ag éisteacht leis oíche eicínt. Níor chuala tú a leithide ó a rugadh thú / Ba mhaith an dóigh grinn do dhuine a bheith ag breathnú air ag cur na tuighe. Dheamhan blas ariamh ach a bualadh síos in a straoilleogaí mar a bhí sí agus scoilb a fháisceadh innte. Is breagh slachtar an teach a bhéas aige ach a mbeidh sé réidh / Ba mhaith an dóigh gáire é gan bhréig gan áibhéil. Mara mbeadh agad ach aon-ghháire amháin chaithfeá a dhéanamh faoi agus an ghoic a bhí air, amuigh ag damhsa / Ba mhaith an dóigh gáiridhe dhuit a theacht ag éisteacht leis oíche eicínt, má bhíonn sé i "ngiúmar" (: humour). Tá scéalta aige a bhainfeadh gáire as na clocha. Ach má bhíonn múisiam ná dubrón ar bith air, ní bhfuighidh tú smid ná smeaid uaidh / Is maith an dóigh fataí é an garrdha sin = garrdha a mbeadh tabhairt fhataí ann; garrdha a bhfásfadh fataí maithe ann /[Níl aon-dóigh fataí istigh ar do bhaile inchínnte ar Gharrdha Mh. L. má fhaghann sé aon-ghiollaidheacht. Daithín feamuinne agus braitín aoiligh, agus níl righeachan ar bith le na fataí a bhainfeas tú ann, is cuma fliuch tirm an bhliain]/ B'ait an dóigh fataí é an cúl thoir sin roimhe seo, ach dair (: dar) leat, níl tabhairt ar bith fanta ann, marab é an síor-chur atá dhá spíonadh. Is olc é an iomarca de'n fheamuinn dearg sin freisin. Dóigheann sí an talamh uiliog / Níl aon-áit

ins an gceathramhadh is fhearr dóigh coirce ná an ithir sin thíos agad-sa. Nach bhfeiceann tú go bhfuil sí in a púir uiliog, tá sí cho séasúrach sin. Cuir coirce mór innte sin i mbliana, agus mise i mbannaí go mbeidh an toradh chéadtach agad air /[Níl aon-dóigh cruithneacht' istigh ar do bhaile. Cá'il sé? Shílfeá go raibh an talamh dhubhrabháin sin thíos agamsa cho maith agus a bhí le fáil len a h-aghaidh, agus chonnaic tú féin an cleas a rinne sí ann an bhliain cheana. Níl raibh ceo dhá barr ariamh agam nach síobhuisín beag nacharbh fhiú do sheacht mallacht é. Ba í an díogha ceart í lá agus nach ndrannfadh J. Ph. É. léithe agus é thart cheal údar poitín]/ Dóigh coirce mo léan! Dóigh bruimfhéir, má's dóigh ar bith é / An-dóigh ballach í Carraig Mh. ar an taoille seo. Nach bhfuil sé ag tuileadh isteach i mbéal na cuisle. Gabh síos agus caith cupla urchar uirre, agus fan ann nó go ndíbrighidh an taoille tuile thú. Cuirfidh mé mo shean-hata leat go n-eireochaidh ballach nó bromóg leat / Is maith an dóigh bradán é Poll na h-Easa ar an aimsir seo. Tháinic mé anoir thar an línn aréir, agus bhí lonnadh ar an uisce. Is deacair breith ins an mbaile ar E. aríst go ceann scathamh. Cuirfidh sé ceirín de'n fior-uisce air féin arsa tusa (: ag dul ins an abhainn ag saghdadh bradán) /[Má's ag tóruigheacht creathnaigh a tháinig tú is olc an dóigh (: creathnaigh) é seo. Níor mhór duit a dhul ar chladach dána le creathnach a fháil. Is diabhlaí dúlaidhe atá sib ins an gcreathnach suas annsin i gcomhnuí / Is olc an dóigh a dtáinic tú ins an áit seo má's ag iarraidh feamuinne atá tú. Dheamhan a leath-dhíol féin ag aonduine annseo. Ach b'fhéidir, dá dteannthá siar scathamh go bhfuightheá feamuinn tirm ar an bP. / Is dona an dóigh cairrgín an áit seo a bhfuil tú muis. Is a dhul ag iarraidh breac ar thulán a dhul ag tóraidheacht cairrgín i mbarr chladaigh. Is furasta aithinte gur aineoluidhe thú. An aithneochthá cairrgín dhá bhfeictheá é. Dheamhan a fhios agamsa an aithneochthá]/ Má's ag iarraidh móna atá sé is dona an dóigh dhó a theacht annseo anois. Níl caorán ann nach bhfuil díolta. Breagh nach dtáinig sé níos túisce ins an mbliain, an uair a bhí greadadh di suas annsin ar 'chuile chnocán, agus gan fear a fiafruighthe ann / Sílim gurb olc an dóigh mná é an baile seo ag fear ar bith le thoidheacht ann. Níl aon-bhean ionphósta dá bhfuil ann sásta duine ar bith a phósadh ach máistirí scoile, nó cléireachaí beaince. Nach bhfeiceann tú féin iad. Níor mhaith dhuit scráibín a shamhailt leo. Ghabhfaidís ingeallta dhá samhluightheá. Nár thugaidh Dia dhóib níos fhearr é muis! B'fhéidir nuair a d'fhuar -óchaidís agus iad fágtha ar a dtóin scathamh eile mar tá siad, go mb'fhur- asta a dhul 'un cainte leo annsin. / Ag iarraidh síol plandaí atá tú? Is olc an dóigh a dtáinig tú muis. Dheamhan gráinne ag gabhail linn i mbliana. Caithfeam -uid féin a dhul ag soláthar — caithfidh sin / Ní h-olc an dóigh poitín chor ar

bith é tigh S. Mh. B'annamh leis a bheith falamh pé'r bith céard is cor dó ar an saoghal seo. Mara n-eirighidh aon-bhraon leat ann, déarfainn leat do shúil a bhaint dhe. Gabhfaidh sé righte leat aon-deoir a fháil ar a mhalrait /[Níl aon-tobac agad. Dar mo choinsias muis, is dona an dóigh a dtáinic tú anois. Tá mé féin spurtha ó am dinnéir, agus gan aon-ionbhadh ag aonduine ins an teach a dhul dhá iarraidh, bhí muid cho cruadhógach sin. Beidh sí seo ag dul in a choinne ar ball beag, má ghníonn sin thú]/ Chuaidh sé síos tigh J. le páipéar "dole" a líonadh. Diabhal bréag muis narbh olc an dóigh. Chreidim dheamhan smid scoláireacht' i bpluic aon-duine dhá bhfuil annsin ach an oiread leis féin. Shílfeá ins an míádh, go mbeadh duine eicínt ní ba ghoire do láthair dhó len a líonadh ná an baile seo. Ach cheapfainn go (: gur) le grádh do'n chuartaidheacht a chuaidh sé ann /[Is maith an dóigh coirrlighe an t-Oileán ar an rabharta mór seo chugainn. Beirt ar bith a mbeadh currach aca, bheadh leasú na bliana sin aca. Ach níl sé grath (: de rath) ar na daoine an méid sin féin a fháil. Ach dhá mbeadh currach faoi chéad ann, chreidim nach bhfuil aon-duine ann a ghabhfadh innte, ná a bheadh indon aon-cheart a bhaint di]/ Goideadh a bhríste agus a chóta mór uaidh ann. Chaithfeadh sé imeacht in a chraiceann, marach F. A. a thug sean-bhríste cuileáilte leis féin dó. Níor mhaith an dóigh dhó sin R. le dhul ar ais ann = níorbh áit mhaith, (chóireamhail, ádhamhail) dó R. le dhul ar ais aríst ann / Cé'n chiall an eadh? Rubáladh ann mé. Ba mhaith an scéal dom nach raibh ag gabhail liom ach seicín deich scilleacha agus sprus eicínt airgid ruaidh. Dhá mbeadh, ghabhfadh an bhail chéadna air agus a chuaidh ar an méid sin. Tugaimse G. do'n diabhal. Déarfá nachar mhaith an dóigh dhom a dhul ann aríst. / Is minic a chuala tú "Fuair sé an oiread dhe, agus a fuair an bacach d'Inis Nídh". B'olc an dóigh do'n bhacach é a chastáil go h-Inis Nídh. Tugadh sáile bruithte dhó ann, adeir siad / Má tá sé sin imighthe soir, ba mhaith an dóigh a dhul soir in a dhiaidh. Beidh ól in aisce dhá thoghaint ar dhaoine indiu. Tá an fiuntas ann, an uair a thosuigheas sé /[Ba mhaith an dóigh (: beart, pleain) a dhul amach anois agus a bheith roimhe ag an iothlainn agus caitheamh leis. Ní thomhaisfeadh sé go bráth go mbeadh ámhuilleacht ar bith mar sin ionainne. Leag-fadh sé ar an gcuingir eile é — ar Sh. agus ar T.]/ Níl a fhios agam arbh olc an dóigh chor ar bith a dhul ar meath indiu. Déanfaidh sé an-lá fairrge. Tá roint mhaith currachaí amuigh. Mara bhfuil aon-chruadhóg eile ort, buailfeamuid amach … Shílfeá go bhfuil brath agad loiceadh. Do chomhairle féin a mhic ó / B'ait an dóigh bualadh suas ag an teach ambáireach má bíonn an sean-bhuachaill imighthe. D'fhéadfadh duine a bheith ag baint corr-scealpóg as Máirín de réir a láimhe. Ba bheag an locht a gheobhfadh sí air ach oiread cheapfainn. Tá sí sáthach bainte amach, ach nach leigeann an faitíos

di cor ná car a dhéanamh ag a h-athair /[Sílim go mbadh mhaith an dóigh do dhuine trí nó ceathair de bhoscaí móna a thárlú anuas chuig an teach a fhad agus atá an aimsir seasta mar seo. Ní fheicfidh tú seachtain ó indiu go mbeidh airde sneachta ar an talamh, agus ní bheidh sé ionrásta ag tada a dhul 'na phortaigh annsin. Tuairt shneachta a thiocfas as an bhfuaraidheacht seo]/ Níor dhona an dóigh chor ar bith anois duinn na bruachannaí a leagan as láimh. Is gearr go bhfeicidh tú meall feamuinn dearg ins an gcladach agus ní shin é 'u' (: ar) dtráth a bheith ag leagan bruachanna. Feicthear dhom nach bhfuil am ar bith is cóireamhla lena leagan ná ar an aimsir seo / Ba mhaith an dóigh dhuit a Bh. má tá an siopa romhat, a bheith ag dul ann anois, agus gan an oíche a leigean ort féin aríst. Níl siar ná aniar ins an lá anois. Ní féidir go bhfuil na scoláirí beaga ins an mbaile. M'anam muise má tá nach mór duit a bheith ag cur bealadh faoi t'ioscadaí /[Níor dhona an dóigh do dhuine cupla péire de na "clogs" sin a cheannacht 'fhad agus atá siad fairsing. B'fhéidir go bé (: gur) an chaoi a mbeadh sé ar ball go mbeadh muid gan Murrchadha gan Mánus. Dhá dhonacht iad, is fhearr iad ná imeacht cosnochttha]/ Ba mhaith an dóigh do Ph. Ph. í a phósadh anois. Tá teach agus giodáinín talmhan' aice, agus dheamhan achar ar bith go mbeidh sí ag fáil an phinsean. Mullach an diabhail dó, nach bhfuil sí sáthach maith aige, má tá aois féin uirre. Dar príosta is maith aibidh an sean-pháiste é P. féin feasta choidhchin. /[Is dona an dóigh dhó a dhul ag tornae (: atornae) faoi'n scéal mara bhfuil fiainisí (: fiadhnuise) aige thairis sin air. Tá sé breagh go leor a bheith ag caint annseo ar leic an teallaigh, ach níl sé cho réidh sin ceart a bhaint de'n bhreitheamh ná de na dligheadóirí a bhíos annsiúd. Chabálfaidís thú ar ionntú an tsuip]/ Meastú a Sheáin nar mhaith an dóigh do 'chaon duine againn bogadh amach ag tóraidh-eacht mná an Inid seo. Dar príosta sílim féin nach mbeadh de chailleadh air. Gabhfamuid i dteach eicínt a mbeidh beirt deirbhshiúr ann, agus fágfaidh mé an ceann is óige agadsa ach cuid de'n spré a thabhairt dom / Is suarach an dóigh do dhuine ar bith a bheith dhá mharbhú féin ag dul suas agus anuas annsin dhá cheann de ló ar scáth coróinín airgid. Ach tá sé sáthach maith ag an dream atá sásta leis: i leabaidh gan buille amháin a dhéanamh go bhfaighthí h-ocht nó naoi de scilleachaí ins an ló. Níorbh é luach do shláinte é an méid sin féin, ach b'fhearr é ná an chaoi a bhfuil sé faoi láthair. /[Ba mhaith an dóigh anois do'n triúr againn a dhul agus greim a ithe. B'fhéidir nach mbeadh sé cho h-éascaidh dhuinn a fháil aríst. Ní beag dhuinn a bhfuil romhainn agus gan gearradh ocrais a bheith orainn ar ball]/ Déarfá nacharbh olc an dóigh é a Sh. Dheamhan smid bhréige agad annsin. Seolaighidh lib mar sin. Cá ngabhfamuid? Áit ar bith is túisce againn. Mara chéile an ballséire agus a

ghiolla annseo. Níl maith ar an deoch i gceachtar aca thar agus a chéile / "Sílim nach dóigh ro-mhaith dhuit fuirtheacht annseo" arsa mise. "Deamhan a fhios agam an dóigh ro-mhaith é ach oiread" arsa seisean. "'Sé an rud is lugha a gheobhadh duine ann fuacht, agus b'fhéid -ir go bhfaigheadh sé gleáradh buailte, mara mbeadh sé ar a aireachas féin" / Ní dóigh ro-mhaith a bheith idtuilleamaí talmhana ar an aimsir seo, scáth a bhfuil beithidhigh ag dul. Tá siad an-mhór anuas ar ala na h-uaire. Ach b'fhéidir dóibh feabhsú amach annseo idtús féir. Mara bhfeabhsuighidh, beidh na daoine in ainriocht / Ní dóigh an-mhaith a bheith i Londain faoi láthair. Tá an V2 ag teacht anuas in a ceathannaí.
Níl aon-dochar in áit ar bith eile i Sasana ach annsin amháin, ach cé beag a dhonacht.
Is i Londain is mó atá muintir na h-áite seo / Is deas an dóigh do dhuine 'chuile shórt dhá bhfeilfidh dhó a bheith aige fhéin, agus gan a bheith ag iarratas ar 'chuile dhuine eile. An té a bhéas, beidh sé ar deire (dóigh = caoi, staid) / Ní deas an dóigh do dhuine a leithide sin de chleas a dhéanamh, an deas? Ach is cuma le cuid de na daoine / Is gránna an dóigh do dhuine ar bith bail mar sin a chur air fhéin le ól. Ní fhaghaim meabhair ar bith cé'n chaoi a bhféadann daoine an oiread sin a ól. Shílfeá go dtioc-fadh sé in a n-aghaidh / Is deas an dóigh do ghearrchaile ar bith a bheith lághach cuí(bh)eamhail agus fios a bealaigh agus fios a labhartha a bheith aice. Ach is mór dhíob nach bhfuil sin aca ar an saoghal seo. Tá an saoghal ag teacht an-aisteach ar aon-chor / Nar dheas cuíbheamhail an dóigh dhuit a theacht abhaile mar a rinne 'chuile fhear istigh ar do bhaile agus gan a bheith ag locadóireacht soir annsin ag caitheamh do chuid airgid ar shuaracháin. Ach mo chreach mhaidne, is tusa féin nach bhféadfadh an chuíbheamhlacht a dhéanamh. Níor thug tú abhaile leat é / Níor chuíbheamhail an dóigh d'aon-bhean tosuighe ag bruimseálacht mar sin as comhair lán tighe. Ach is cuma leis an rúisc siúd céard a dhéanfas sí. Dá mbadh mise a fear bheinn ag gabhailt uirre an fhad agus a gheobhainn teas in a craiceann / Dair leat, níor dheas an dóigh dhom é, ach ní raibh neart agam air. Chaithfinn treabhadh nó tiomáilt (: tiomáint) a dhéanamh, agus rinne mé an rud a shíl mé a bheith ceart / Bhí mé annsin ag fanacht agus ag síor-fhanacht, agus gan í ag teacht. Níor dheas an dóigh dhom é, ach ní raibh aon-ghoir agam corruighe in a dheidh sin. Dá bhfaghadh sí imighthe roímpe mé, bhí mo chosa nighte / Is gránna an dóigh do dhuine a leithide de chleas thúatach a dhéanamh, ach an uair nach raibh ionnta féin ach an túataighil, nach gcaithfinn cam in aghaidh an chaim a thabhairt dóib.
Dá mbeadh breith ar m'aithmhéala agam aríst ní dhéanfainn é, ach ní raibh / Ní maith an dóigh d'aonduine araoid a chur ar shagart. Bíonn sé in aithmhéala faoi dheireadh thiar thall. Dream iad sagairt nach bhfuil agad a bheith mór ná beag leo

ach a gcuid a chaitheamh aca, agus gan thairis sin de chaidéis a chur orra. Breathnuigh ar bhean D. /[Ní maith an dóigh dhuit a dhul amach insan mbáistigh sin. Beidh tú in do líbín, beidh sin / Ní maith an dóigh di é, má rinne sí leath-chuma ar na dílleachtaí. Ní cheideonaidhe liom ar a dtiocfaidh agus ar a dtáinig leithphighinn ruadh a chur as dóib. Bheadh faitíos orm go n-ágróchadh Dia orm é.]/ Ní maith an dóigh do dhuine ar bith aon-phlé a bheith aige leis an bpoitín. Th'éis a ndearna an misinéara d'eascainí agus de mhionnaí móra air. Mhaithfeá do Dhia gan a bheith ag breathnú air ag caitheamh na croise. Bhí mé ag eitealla leis an scanradh a bhí orm /[Ní maith an dóigh dhuit, a laoigh, a bheith amuigh mar sin do do dheallrughadh féin leis an bhfuacht i gcaitheamh na h-oíche, agus thú do do shníomh le rachtannaí casacht' ar feadh na h-oíche aréir. Is beag an áird a thug tú orm nuair a ghlaoidh mé ort trathnóna]/ Ní maith an dóigh d'aonduine a bheith aimhreasach mar sin. Peacadh mór é peacadh an aimhris. Marab é an chaoi a bhfuil sé mar adeir an fear fadó go síleann gadaidhe na gcruach gur gadaidhe é an sluagh / Dubhairt mé liom féin nar mhaith an dóigh dhom imeacht ar bholg falamh, agus dhá mhéad doicheall dá raibh romham, go bhfan= fainn go bhfeicinn an dtairgfí aon-ghreim len ithe dhom. Tairgeadh agus mo sháith. / [Is dona an dóigh d'fhear ar bith a bheith ag soláthar ban ar an aimsir seo. Deir tú le mac S. Th. Sh. a chonnaic mé ag teacht isteach ag an Aifreann indiu, agus cuisne sheaca ar a bhrághaid. Tá mé ag ceapadh go raibh sé amuigh igcaitheamh na h-oíche aréir. Dá mbeinn d'fhuireasbhaidh mná le mo mharthainn, dheamhan mo chois clí (: chlé) ná dheas a chuirfinn amach dhá n-iarraidh macsamhail na h-oíche aréir / Is dona an dóigh dhuit muis a dhul 'na phortaigh indiu. Tá an lá ins an gclaidhe. Beidh tú báithte go craiceann ach a mbeidh tú ins an mbaile.]/ Is dona an dóigh a dhul ag spréidheadh ithreach ar an mbáistigh seo. Coirce ar bith a chuirfear leithide an lae indiu, is coirce gan cur é. Tá an ithir in a leic / Ní maith an dóigh d'fhear ar bith a shláinte a chailleadh le fánaidheacht mar sin. Is mór adéarfá le duine a bheadh antlásach agus nach mbeadh aon-bheann aige ar an droch-lá, ach dheamhan neart a bhíos aige air go minic. Ach an té a thiubharfas fliuchán agus amluadh dó féin le siléig is beag an scéal é, hébrí céard a eireochas dó / Is maith an dóigh iad! = níl aon-mhaith a bheith ag súil go bhfaighfear tada dhá mbarr (droch-cártaí) /[An bhfeiceann tú iad sin. Is maith an dóigh iad. Spéireataí dubha go tóin. Nuair is dubh dhóibsean is dearg domsa, agus an uair is dearg dóibsean is dubh domsa]/ Diabhal bréag nach maith an dóigh é an

guróir de laogh sin. Breathnuigh ar an gcruit atá air. Tiubharfaidh an Márta rud le déanamh dó = laogh a bheadh in a dhroch-údar, nach mbeadh aon-deagh-ghealladh faoi, ná aon-tsúil len a eirghe /[Is maith an dóigh í sin. Dállta ar meisce 'chuile oíche, agus ag gabhail fhuínn ag teacht abhaile. Dhá mba mise a máthair, d'fhágfainn amuigh ar an tsráid í, agus cead aice lóistín a fháil insan áit a bhfaghann sí an t-ól. Ach chreidim nach bhfuil mórán le reic ag an máthair féin]/ Cá bhfuair tú an sean-"bhicycle". Dar fiadh sin sean-déanamh ó'n díle ceart. Is maith an dóigh é déarfá. Dar mo choinsias anois, ní maith ó adubhairt tú é. Ní shuidhfinn thuas air chor ar bith /[Cé leis an sean-asal sin. Is maith an dóigh é. Pé'r bith cé leis é, tá leis. Tá éadáil aige]/ 'Bhfeiceann tú an péire bróg a cheannuigh mé achar is lugha ná dhá mhí ó shoin. Is maith an dóigh iad sin. Tá siad rodtha idir bhuinn agus uachtair. Breathnuigh uirre sin, ar son Dé ort! An feire féin níl innte / An bhfaca tú an priobáinín fataí atá annsin thuas agam. Nach gceapfá gur maith an dóigh é. Níl das ag gabhail leis nach bhfuil rodtha ag an lobhadh bán. 'Ar ndú' is maith an aghaidh orm é, agus a gcur ann chor ar bith. Sin é an cleas a ghníos "na barra" sin i gcomhnaí / Na chúig mhuileata is measa i bpaca! Dhá mbeidís ann níos measa, is mé a gheobhadh iad. Is maith an dóigh iad / An bhfuil a fhios agad an chruach atá ar leiceann thiar an bhóthair agamsa. [Níl fód slán istigh in a corp. Tá sí in a bog-eibhinn fré chéile. Is maith an dóigh í, agus cho h-áirdeallach agus atá lucht na "lorries" i mbliana faoi mhóin thirm a fháil. Diabhal an raibh sí baoghal ar cho dona siúd an uair a rinneadh í. D'ól sí an t-uisce ar fad ó shoin]/ Níor thug mé an dóigh dhó (ní bhfuair sé an dóigh) = duine a bheadh ag iarraidh rud nó ag tnuthán le rud a fháil agus nach bhfuigheadh é, nó aon-ugach faoi / D'iarr sé an bhean ceart go leor, ach níor eirigh leis. Ní bhfuair sé an dóigh. 'Ar ndú' dheamhan cuma ar bith a chuir sé air féin ar aon-chor: a theacht isteach ar meisce idteach gnaoidheamhail ar bith an tráth sin d'oíche! / M'anam nach bhfuair, ná nar thug mé an dóigh dhó. An uair a chuirfeas sé abhaile a bhfuair sé d'uird agus de gheanntrachaí annseo, b'fhéidir go bhfuigheadh sé an gró an uair sin, ach ní mó ná sin é. Tá sé sin indon a chuid a iarraidh go maith. Dhá mbeadh sé leath cho gasta dhá chur ar ais agus atá sé dhá iarraidh, dheamhan a mbeadh basctha dhó. /[Ní bhfuair mé an "bicycle", agus ní bhfuair mé an dóigh. Tá sé siúd cho daoitheamhail len a bhfaca tú ariamh. Dhá gceapadh sé go mbadh rud é a dhéanfadh leas dom choinneochadh sé uaim é d'aon-úaim amháin. Ní hé ba mheasa ach mise a chuaidh dhá iarraidh air agus a fhiosacht dom nach bhfaighinn é]/ Sin é ar dhubhairt sé mar níor thug mé

an dóigh dhó. Cé'n chaoi a bhféadfainn? A dhul ag scaradh leis an gcarr a thastuigheas uaim péin 'chuile mhíle lá ins an tseachtain len a thabhairt dó san. Dhá ghoireacht do dhuine a chóta, is goire ná sin dhó a léine, in a dheidh sin féin. /[D'fhéachfadh sé len a theacht isteach dhá bhfaghadh sé an dóigh ach ní bhfuair. Ní raibh mé dhá iarraidh. Sháróchadh sé muid ceart críochnuighthe. Cé'n brígh, ach ní chuirfeadh an tubaiste ag imeacht é, ó a dhéanfas sé teanntás in áit]/ Is umhal éascaidh a thiocfadh sé linn ach níor thug mé an dhó dhó. Tuige an dtiubharfainn. Bailigheadh leis anois, agus teigheadh sé ins na currachaí a raibh sé ionnta le bliain. Mara raibh muide sáthach maith aige leis an fhad seo, níl muid sáthach maith indiu aige ach oiread / 'Sé mo dhóigh gurb é atá ann ('Sé mo mhór-dhóigh gurb é atá ann) = tá mé dearbhtha, nó cinnte gurb é atá ann / 'Sé mo dhóigh nach dtiocfaidh sé ó thárla nach bhfuil sé annseo cheana /['Sé mo mhór-dhóigh gurb éard a dhéanfas sé anois greadadh leis ar fad. Ní ghéillfeadh sé choidhchin di faoi'n rud sin]/ 'Sé a dhóigh agus a mhór-dhóigh nach ndéan -faidh an mac aon-rath th'éis nach bhfuil aonduine ins an tír is críonna ná é. / 'Sé mo dhóigh muise gurb é. Marab é, cé eile a dhéanfadh é. Níl a fhios agamsa / 'Sé a dhóigh gurb shin é an chaoi a mbeidh sé. D'eile. Nach gearr an bás ó'n sean-riadaire údaidh eile / Is maith an dóigh é = fear leorchruth, fear ar mhaith an aghaidh bean é /[Is maith an dóigh é anois pé'rbith bean a n-eireochaidh sé léithe. Beidh sí in a suidhe go te ar aon-nós / Is maith an dóigh thú bail ó Dhia agus ó Mhuire ort, ach tá faitíos orm nach ar mhná na h-áite seo a bhéas an t-ádh. Beidh tusa ag iarraidh dubh-spré agus sin rud nach bhfuil le fáil agad annseo]/ D'fhéadfá a rádh gur maith an dóigh é: gabhaltas mór talmhana agus gan cloch bhuailte an iarainn istigh ar a fhuaid. Tá airgead tirm ag an mbuachaill sin freis-in, cheapfainn / Má's maith an dóigh é breagh nach gcuireann sí a h-inghean ann agus gan a bheith dhá buachailleacht annsiúd níos fuide. Ach ní chuirfidh. Aindeoin a bhfuil de mholadh aice ar an áit, is dona léithe é in a dheidh sin, agus tá sí ag tnuthán go bhfuighidh sí fear níos fhearr di. Ní bheadh an saoghal suas len a cuid cluanaidheacht' sin, in a dheidh sin / Ní bhfuair muid an dóigh le suidhe síos ariamh = deis, seans, údar / Níor shuidh mé síos mar ní bhfuair mé an dóigh. Dhá gcastaí duine ar bith thart ann a dtiocfainn ag seanchus leis, ach níor casadh. Áit an-chúlráideach é / Chaithfinnse dhíom é sáthach gasta, ach ní bhfuair mé an dóigh. Bhí mé

ag áirdeall agus ag síor-áirdeall oraibh-se agus dá bhfeicinn sibse
ag cur cor ar bith dhaoib, is maith éascaidh a leigfinnse mo ceann féin
go talamh. /[D'innseochainn dó é, ach ní bhfuair mé an dóigh. Bhí brat aca
timcheall air, agus ní chloisfeá méir i gcluais len a raibh de chlabaireacht
agus de shioscadh aca. Shílfeá freisin go raibh sé de bheith orra fanacht
annsin nó go n-imigheadh seisean. Bhí mé le buile agus le báine, ach
d'fhéad mé fuarú ins an gcraiceann céadna ar théigh mé ann, ar
scáth a raibh d'áird aca siúd orm]/ Má fhaghaimse an dóigh, bainfidh
mé deatach as, ach is mór m'fhaitíos nach bhfuigead. Tá sé an-áird
-eallach le ghoirid, agus leig sé faoi go mór ins an nglaodhmaireacht,
thar agus mar a bhí sé. Measaim go mbraitheann sé nach bhfuil aon-
iarracht fanta ag na daoine air, agus nach mór dó a bheith ar a shon féin
feasta /[Dá bhfaghainn an dóigh bheadh sí sactha isteach agam, ach ní
bhfuair. Fhobair mé do dhó beag a leanacht, ach ba mhór liom a dhul
ag cur cuileata amudha le cáirtín cho h-éidtreorach. Is deacair
tada a dhéanamh le cuileata aonraic]/ Rinne sé é, agus sé a fuair an
dóigh. Dar príosta, dhá leigeadh sé uaidh é, ní bheinn geal dó aríst go
bráth. Is fada a thastuigh an iarraidh sin anois ó'n dream eile. / Is
deas an dóigh de dhuine é (nó í) = fear nó bean dóigheamhail shlachtar / Is
deas an dóigh de bhean í, bail ó Dhia agus ó Mhuire uirre. Go dtugaidh dia
fear mór maith di agus is maith an aghaidh uirre é / Is breagh deas an dóigh
d'fhear é ach a bhfeictheá gabhtha gléasta mar sin é. Ach ba dual dó an-
slacht. Ní raibh sárú an athar le fáil, bhí sé cho slachtar sin / Áit dheas
ar dhóigh é = ar mhodh ar bhealach / Duine lághach ar dhóigh é, ach is deacair
bun ná barr a fháil air scaithtí. Ach níor de chloinn Mhac C. é mar mbeadh
sé mar sin. Bhí an aistighil ag imeacht leo frén a chéile /[Teach breagh ar
dhóigh é, ach tá sé an-tais istigh ann. Níl a fhios agam nach bhfuil a chuid
adhmaid críon freisin. 'Sé a chosamhlacht é ar aon-nós / Tá sé sáthach
gnaoidheamhail ar dhóigh. Dheamhan fear níos gnaoidheamhla le castáil dó i dteach
ósta, an té a mbeadh aon-bheann aige air. Ach cneagaire corónta é le
dhul ag déanamh margaidh leis.]/ Chuaidh an scéal cho mór ins an dóigh agus go mb'éigin
dó imeacht = chuaidh sé cho géar sin air; chuaidh sé ar an scian is géire air; chuaidh
sé in aimhréidh air; bhí sé idteannta faoi'n scéal / Chuaidh an rud cho mór ins an
dóigh air, agus gur eirigh sé as ar fad. Nach raibh sé cho maith dhó ar aon chor,
scáth a mbeadh dhá bharr aige ins an deireadh / Tá sé ag dul ins an dóigh

air anois. Cinnfidh air an cheist a fhuascailt / Ó a chuaidh an pósadh cho mór sin ins an dóigh air, bhí sé cho maith dhó an rud a rinne sé a dhéanamh: eirghe as ar fad. Bhí lom-lán an chirt aige / D'fhéach sé dóigh agus an-dóigh leis an rud a dhéanamh agus chinn air th'éis a dhichill = d'fhéach sé na húdraí agus na h-eádaraí = rinne sé gach uile mhíle nídh a d'fhéadfadh duine a dhéanamh = níor leig sé nídh ar bith ar lár len a chúis a chur i gcrích [deirtear "dóighte agus an-dóighte" nó "dóigh agus ath-dhóigh" freisin] /[Níor fhága sé dóigh ná an-dóigh gan féachaint ach sin é a raibh dhá bharr aige. Chinn air dubh agus dubh é a fháil = rud a bhí ar iarraidh / Níl dóigh ná an-dóigh nach bhfuil traoiáilte aice le fear a fháil, ach chinn uirre aon-duine a fhastú fós. Tá sí ag iarraidh a liodán a chur in P. Sh. anois, ach ní faoi chearc a leigeadh P. amach ach an oiread le duine]/ An bhfeiceann tú an cliobaire sin thoir ag P. Dh. Tá dóigh agus ath-dhóigh féachta aige ag iarraidh posta a fháil, ach dhá bhfeictheá-sa fhéin an áird atá ag daoine air sin. Dheamhan áird muise ach an oiread agus a bheadh aca ar mhadadh beag, ná an oiread sin féin scaithtí / Traoáilfidh sé dóighte agus an-dóighte anois le'n a chur ag obair. Is cruaidh an cás é má chliseann air. Tá sé ag méirínteacht agus ag "fiddleáil" leis le ráithe, ach chinn air aon-cheart a bhaint dó fós … Deis l'aghaidh soluis atá sé ag iarraidh a dhéanamh /[Bhí dóigh agus an-dóigh oibrighthe aca leis an "mótar", ach cor ná car ní raibh siad indon a bhaint as nó go dtáinic mac D. Ní dheárna sé filleadh ná feacadh ach é a oscailt, breith ar "wirín" beag, lúbadh a bhaint as, agus deirimse leatsa narbh é an t-achar ab fhuide go raibh sí ag giúnaighil (geonaighil). Námhaid í an cheird gan a foghluim in a dheidh sin]/ Chinn dóigh agus ath-dhóigh orm. Céard a dhéanfas mé anois? A fhágáil annsin nó go dteagaidh fear eicínt níos stuama ná mé féin len a laimhseáil. Tá mise sáruighthe aige / Féach dóigh agus andóigh leis agus má chinneann ort níl agad ach a thabhairt ag "mechanic". Ach feicthear dhomsa — 'sé mo scil ann é, arsa tusa — go mbadh cheart go dtiocfadh sé isteach gan stró ar bith ann leis an mul sin a liocadh anuas. Céard eile atá len a bhacadh. Ní léar domsa go bhfuil ar aon chor /[Beannacht Dé dhuit! Bhí sé cho maith leigean dó. Tá a chuid scoile sin ar iarraidh anois. Féachadh dóigh agus an-dóigh leis, ach b'aon-mhaith amháin é. Buaileadh dual na druinne air, fuair sé éadach nuadh; bicycle, "sweets", chuile mhíle rud. Ghabhadh sé ann lá nó dhó, ach ghlacadh sé an ghráin annsin uirre aríst, agus do ceann finne ní chuirfeadh amach é. Bhí S. ag rádh go ndíbreochadh sé amach ar an móin imbliana é agus go mb'fhéidir go múinfeadh sin é]/ D'fhéach sé 'chuile artha — dóigh agus ath-dhóigh — le cluain a chur ar an mbean

ach thug T. J. uaidh í ina dheidh sin agus uiliog. Shaothruigh 'chaon duine aca go maith í — shaothruigh sin. Ach níorbh fhiú an tairbhe an trioblóid. Níl aon-straoill de bhean ag teacht isteach ag an bpobal is mó ná í indiu, aindeoin an giodam a bhí fúithe agus í in a cailín óg /[Thóruigh sé dóigh agus an-dóigh ag iarraidh mná agus chinn air aon-bhean a fháil, th'éise sin / Tá dóigh agus an-dóigh tóruighthe agam agus gan é faighte agam th'éis mo trioblóide. Nímé beo cá leagfaidhe é? Mara bhfuil aon-tuairisc ag N. air, beidh sé gan fáil]/ Rinne sé dóigh dhá bharamhail = ní raibh aige ach tuairim faoi'n scéal. Ní raibh sé cinnte, ach rinne sé fírinne de'n tuairim, agus rinne sé beart mar dhóigh de go raibh an scéal marab áil leis féin é a bheith / Dubhairt na buachaillí báire leis ag saghdadh faoi, go raibh an bhean mór leis. Diabhal asna dhó nach ndearna dóigh dhá bharamhail, agus nach mbuaileann soir dhá h-iarraidh. 'Ar ndú mo léan ní bhfuair sé ach bonnaidheachaí /[Is olc an rud dóigh a dhéanamh de do bharamhail. Nach maith atá a fhios agad gurb é a ghoid í. An bhfaca tú é? … Cé'n chaint sin ort mar sin. Nach feasach duit, dhá gcloiseadh sé an chaint sin in do dhiaidh go mb'fhéidir gur dlí a d'fháisc -feadh sé ort. Ar adharca a bheirtear ar na ba, agus ar theanga ar na daoine / Bhí mé in éindigh le fear aréir! Nach maith eascaidh leat dóigh a dhéanamh de do bharamhail. Shíl tú má chonnaic tú ag dul amach ar cuairt mé, nach bhféadfainn a bheith in áit ar bith ach in éindigh le fear! Ba bheag an baoghal orm muis. / Ní maith an rud do dhuine dóigh a dhéanamh dhá bharamhail, nó go mbeidh sé fíor-shiúráilte faoi rud. Chonnaic mé S. Ph. Mh. ag teacht aniar na Ch. annsin thíos oíche ag an dó a chlog. Goideadh caora an oíche chéadna ó Sh. Mh. N. Rinne mé féin dóigh de mo bharamhail an uair a chuala mé faoi'n gcaora agus gan de chomharaidheacht agam air ach an méid sin. Bhí mearbhall mór orm. Thiar tigh S. Sh. a bhí S. P. Mh. agus cionntuigheadh L. Th. faoi'n gcaora in a dhiaidh sin]/ Is gránna an chaoi dhuit a bheith ag déanamh dóigh de do bhar-amhail mar sin. Cá bhfios duitse an raibh aon-láimh aige ins an bhfear ariamh. Ní fhaca tusa é. Agus an dream a bhí in ainm agus é a fheiceál, ní raibh a gcuid cainte i gclár ná i bhfuirm an uair a ceisnigheadh iad. Níl a fhios againne cé a mharbhuigh é. Diúltaigheamuide dhó! / Cuirfidh tú isteach an féar ambáireach. Nach maith atá a fhios agad go mbeidh an lá in araidh -eacht féar a chur isteach. Dheamhan fios muis, ach ag déanamh dóigh de do bharamhail. B'fhéidir gur ag cur sceana gréasuidhe a bheadh sé. Is críonna an té adéarfadh, nó go dteagaidh an lá idtosach. "Ná creid fionnóg ná fiach" adeir siad. /

Mar dhóigh de = fearacht agus dá mbeadh; ag leigean air fhéin go raibh; in ainm agus go raibh.
[Fuaim = mar-ó-ia, comh-bhéim beagnach ar gach siolla. Bíonn béim le
cois ar ia scaithtí].

Tá sé ag obair mar dhóigh dhe. Tá muis. Sin í an obair eile! / Is máistir
scoile é an mac aice mar dhóigh dhe. 'Seadh go deimhin! Bíodh sé buidheach má's
buachaill aimsire é in áit eicínt thart síos /[Is duine an-stuama é mar dhóigh
dhe. Ní thiubharfainn an tsráid le deasú dhó / 'Sé a rinne an bord siúd ann mar
dhóigh dhe. Is furasta dó a rádh gurb é, an uair a 'sbáin máistir an "Tec" 'chuile
shórt dó]/ Dhéanfadh sé cat agus dhá rioball mar dhóigh dhe, ach ní fheiceann muid
gníomh ar bith déanta aige in a dheidh sin. Is beag dhá chuid gaisce é / Fuisce a bhí
ins an mbuideál mar dhóigh dhe. Badh eadh: Ainm fuisce. Ach bhí sé baistthe
go maith / Ní abróchadh sé féin tada mar dhóigh dhe. Ise a bhí dhá rádh uiliog, má b'fhíor dósan.
Ach dheamhan cailleadh a bhí ar a theangaidh féin — ná cailleadh ar bith / Mar dhóigh
de nach ndéanfadh sí é. Beannacht Dé dhuit! Dhéanfadh, agus 'sí a bhí deas air! /
[Leig dom ar son Dé ort! Mar dhóigh dhe nach ar aimsir a bhí sí chor ar bith! Seadh,
tá sí buille beag ro-árdnósach le bheith ar aimsir / Mar dhóigh de nach raibh
láimh ar bith agadsa ann. Is deas uait thú féin a shaoradh agus 'chuile duine eile a
dhaoradh. Ba tú an ceann-feadhain orra uiliog / Céard adeir tú? … Mar dhóigh
de nach raibh spéis ar bith agadsa a dhul in éindigh léithe, ach gurb ise a chuir an
chluain ort. Innis é sin anois d'fhear adhartha. Bhí déidín tuithte agad ar feadh
na h-oíche go mbeitheá in éindigh léithe]/ Théaltuigh sé soir taobh istigh
de chlaidhe nó gur bhailigh sé an t-árd. Amach leis annsin ar an mbóthar
arís, agus anoir, agus port feadghaile crochta aige, agus é cho sonnda agad,
mar dhóigh dhe agus nach raibh sé ins an "mbulc" chor ar bith roimhe sin. Ach
bhrath an sagart go maith é, agus d'ionnsuigh sé é ar bhall na h-áite /
Thosuigh sé do mo cheisniú-sa as comhair an phóilí, mar dhóigh dhe agus nach raibh
sé féin ann chor ar bith. Sin é an cluanaidhe agad. Ach ní liomsa ab
fhaillighe é. "An gcuimhnigheann tú" arsa mise "an t-am a raibh an bheirt againn
ag binn an sciobóil?" Ba shin é an gléas air /[Tá sé sin ag fáil fuigheall na
bhfuigheall mar dhóigh dhe go bhfuil tinneas eicínt air. Dheamhan ceo muis, ach an
oiread agus atá ormsa, ná a leath-oiread sin féin]/ Tae é mar dhóigh dhe, ach is mór
m'fhaitíos, nach gcoinneochaidh sé duine ar bith ó chodladh ins an oíche / D'iarr sé braon
fíona mar dhóigh dhe nach bhfuil sé ag ól, agus go n-ólfadh sé an chloch íochtair de
Ghaillimh. Ach bhí leisce air a ól as comhair an tsean-lánamhain in a dheidh sin. Ach
badh aon-chás amháin dó é. Is maith atá a fhios aca sin céard is cor dó /

dócha, dóigh, dóighide (dóighidí) = ainm-fhocal, aidiacht.
[Fuaim — ní cloistear an a deireadh i "dócha" go h-iondamhail. "Dóigh" = dhá shiolla ann — dó-í, agus béim ar an gcéad siolla. Bíonn fuaim í fada indeireadh "dóighide" go h-iondamhail. Tá an dá leagan ann "dócha", "dóigh", ach is coitianta "dóigh" ná "dócha"]
dócha, dóigh, dóighide = cosamhail; incheaptha; inmheasta; ag luighe le na tuara; a dtiocfadh dó a theacht chun críche, gan mórán stró; a bhfuil sé go mór ar a sheans a theacht chun críche.

Is dóch' é muis. Sin é a cheapfainn / Ní dóch' go mbeadh. Ach is deacair a rádh / Is dóigh, cheapfainn é / Is dóighide dó a bheith ins an mbaile anois ná tráthnóna. / Ní dóighide dhi a dhul ann, mara dteighidh mise ann / Is dóigh liom go ngabhfaidh sé ar cuairt anocht / Dair (: dar) liom, is dóigh liom, agus sílim péin: triúr, dearbhráthar atá ag an mbréig = [sean-fhocal]. Is iondamhail an uair a dheireas duine ceachtar de na trí rud sin go mbíonn luighe na bréige ar a chuid cainte / Ná bac le "is dóigh liom". Ar chuala tú ariamh é: dair liom, is dóigh liom agus sílim péin; sin triúr dearbhráth -ar atá ag an mbréig / Is dóigh go bhfuil sé cruadhógach leis an móin ar an aimsir seo / Ní dóighide an Cháisc ar an Domhnach nó 'sé a rinne é = is cinnte gurb é a rinne é /[Ní dóighide an Cháisc ar an Domhnach ná go raibh tusa rannpháirteach ann freisin / Ní dóighide an Cháisc ar an Domhnach nó tá sé ag dul ag pósadh]/ Ní dóighide eisean dhá dhéanamh ná Seumas / Ní dóighide an Ghearmáin a bhualadh fós ná Sasana / Ní dóighide an lá indiu a bheith tirm ná fliuch /[Measaim nach dóighide feamuinn dearg a bheith istigh ná gan a bheith]/ Ní dóighide an ceart a bheith agadsa ná agamsa / Ní dóighide dhó eirghe ná fanacht in a chodladh / B'fhéidir go ndéanfadh sé a ghna ceart. Níor dhóighide sin, ná praiseach ar fad a dhéanamh dhó (: dhe) / Thiocfadh dhó a bheith annseo ó ló. Níor dhóighide dhó sin, ná fuirtheacht go maidin. Níor mharbhuigh a dheifir ariamh é ag teacht / B'fhéidir di a bheith an-fháilidhe. Níor dhóighide sin ná cibhear a thabhairt isteach ar na fiacla dhuit. Tá sí sáthach anglánta má thogruigheann sí é / Níl mé indon mórán breitheamhnas a bhaint as an spéir sin. Níor dóighide go breagh é ná in a dhórtadh / Ní dóighide caoi dhá bhfuil air anois ná sínte in a scraiste i dteach ósta eicínt, agus gan é indon cois a chur faoi /[Ní dóighide caoi dó ar ala na h-uaire, ná mar dubhairt tú. D'imigh an diabhal air mar sin féin má' chuaidh sé ag déanamh cleas de'n tsórt sin / Níor dhóighide caoi dhá mbeadh air muis. Sin é atá sé a thuar dhó féin ar aon-nós. Oibrigheadh leis!]/ Dheamhan an dóighide rud dá ndéanfadh sé siúd ná T. Sh. a ionnsuighe má bhíonn deoir ar bith caithte aige /

B'fhéidir nach dóighide rud dhá ndéanfainn fós ná fanacht as ar fad. Is iomdha daol a theigheas thríomsa ó a theighim a chodladh ins an oíche nó go n-eirighim aríst ar maidin. D'fhéadfá a rádh gurb iomdha / Ní dóighide áit dhá bhfuightheá é anois ná tigh Ph. / Cuirfidh mé geall leat gur fhan sé ó'n scoil. Ní dóighide cleas dó i ndomhnach /[Níor dhóighide cleas di anois ná thíos ar a cuairt tigh J. Is beag a bhéarfadh orm bualadh síos go bhfeicinn an mbeadh / Ní dóighide cleas do'n diabhlánach siúd ná a bheith ar meisce in áit eicínt. Nach muid an truagh-Mhuire aige / Ní dóighide beirthe é mar adeir tusa ná é a theacht isteach ar a bhealach anuas. Bígidh faoi réir roimhe]/ Tá sé criogtha. Indomhnach ní dóighide beirthe é. Nach air a bhí an smál agus liostáil, fear a raibh fuigheall na bhfuigheall ag baile aige / Cheapfá go bhfuil sé thar am imeacht? Ní dóighide beirthe é. Tá an clog sin ag dul in earraidheacht ar fad le gairid / Beidh ocras air. Dheamhan an dóighide beirthe é muis. Bhí cáil an ghorta ariamh ar an áit a bhfuil sé / Cé dóichide do dhuine eile a dhéanamh. Tá sé sáthach aigeanta len a dhéanamh ar aon-chor / Tá sé cho dóigh dó a bheith caillte len a bheith beo. Níor tháinic scéal ná scuan uait leis an tsíorruidheacht /[Síleann tú nach dtiocfaidh sí anocht. Tá sé cho dóigh. Beidh siad ag tuineadh léithe ag iarraidh fanacht]/ Tá sé cho dóigh céadna anois nach bpósfaidh sé le go bpósfaidh. Mara bfaghaidh sé an phighinn deireadh de'n airgead isteach in a ghlaic, ní ghabhfaidh aon-bhrat pósta go deo air léithe / Tá sé cho dóigh céadna go ndéanfaidh sé an rud contráilte leis an rud ceart. Níl splanc aige / Chuaidh sí in éinfheacht leis an bhfear sin agus é cho dóighide dhó a bheith pósta le gan a bheith. Cá rabh a fhios aice-se? /[Ba dóigh leat le breathnú uirre go mba inghean duine uasail í = shílfeá]/ Is dóigh liom ó'n lasadh atá ann go bhfuil braon ins an gcoirricín aige / Ba dóigh leat ó'n taghd a bhuail é, go mba leis féin an bóthar agus gan aon-bhaint aige dhó ach an oiread liomsa / Is dóigh ó'n gcaoi a bhfuil sé, go bhfuil rud eicínt air / Is dóigh uirre gur bean ar foghnamh í = tá sé len aithneachtáil uirre /[Is dóigh air gur póilí é. Tá súil agus imeacht an phóilí aige]/ Is dóigh dó imeacht go goirid /

Dar ndóigh = uaillbreas dearbhuighthe = go cinnte, go siúráilte, gan aon-aimhreas, gan bréig, go dearbhtha agus rl. [Fuaim = ar (: a tosuigh i "gcapall") nú). Tá ú in áit ó agus an "igh" maon ar fad. I dtús nó i lár cainte, bíonn an bhéim ar ar (: dar), ach má cuirtear isteach i ndeireadh cainte é, ar "ndú" (: ndóigh) a bhíos an béim go h-iondamhail, mara bhfuil aon-fhocla eile iontuighthe in a dhiaidh, a mbeadh ceangal ghramadaighe aca leis an méid a bhí roimhe sin. "Pósfaidh sé i mbliana — pósfaidh 'ar ndú." "Déanfaidh sé é — déanfaidh

ar ndú (chreidim, tá mé ag ceapadh agus rl.). Ach an uair a bhíos béim ar ndú (: ndóigh) bíonn cinnteacht agus dearbhthacht áirid cainte i gceist ann] / 'Ar ndú' tiocfaidh sé faoi Cháisc /['Ar ndú' is féidir leat do rogha rud a dhéanamh. Cé'n bheann atá agad ar aonduine]/ 'Ar ndú' mharbhóchadh sé é marach nach leigfeadh an faitíos dó roimh an gcuid eile / Is cosamhail, 'ar ndú' gurb é a rinne é / Pósfaidh sé i mbliana 'ar ndú' = go cinnte; béim ar "ndú" / Ise a bhris é 'ar ndú' / 'Ar ndú féin is cuma dhuit céard a dhéanfas tú an uair nach mbeidh an rud ag eirghe leat / 'Ar ndú' mo léan níor labhair sé leat / 'Ar ndú' mo léan ní ghabhfadh sé ann /['Ar ndú mo léan bhí sé ag ól = is rí-dhóigh go raibh sé ag ól / 'Ar ndú' mo léan bogfaidh tú siar ambáireach. Chonách sin ort a dhuine chroidhe / 'Ar ndú' mo léan is beag an sásamh a bhí le fáil uaidh / 'Ar ndú mo chreach ní dhéanfadh sé aon-bhuille oibre. Baoghal air! / 'Ar ndú' mo chreach ní raibh aon-mhaith leis an gceann se'againne ann / 'Ar ndú' mo chreach, bhí sciolladóir -eacht aice. D'eireochadh dhi / 'Ar ndú' mo chreach, má d'iarras féin, ní raibh le fáil agam ach cluais bhodhar]/ 'Ar ndú' féin má rinne, é féin a bhí siar leis = "Indeed then itself" = Béarla na h-Éireann / 'Ar ndú' féin má thosuigh agus gur thosuigh, é féin a d'íoc an tséiléaracht / Caithfidh 'ar ndú'. Chaithfeadh agus píopa Ainde Mhóir dhá bhfaghadh sé é / Feicfidh 'ar ndú. An síleann tusa go ngabhfaidh sé sin go G. gan í sin a fheiceál? / Má bhris tú féin é 'ar ndúinín (: dar ndóighnín) ní miste. Is iomdha rud is mó scéal ná é a briseadh (: béim ar 'ar) / 'Ar ndúinín má ghníonn tú é sin beidh an sagart ins an mullach ort. Agus tá sé sáthach beo droch-mhúinte /['Ar ndúinín is suarach an t-iongnadh má thug féin. Chaith sí go maith leis. Diabhal breagh nar chaith / 'Ar ndúinín má fheiceann sé thú déanfaidh sé do chreach. Sin é a bhfuil in a thimcheall / 'Ar ndúinín féin b'fhearr dhuit gan bacadh. Má ionnsuigheann "máthair an áil agus an t-ál uiliog thú" beidh scéal agad air. Agus ionnsóchaidh má leagann tú méirín fhliuch air sin]/ 'Ar ndú, 'ar ndú' má tá, eirigh as = an focal a rádh in ath-uair, le tuilleadh spreacadh a thabhairt dó. Igcás de'n tsórt seo bíonn béim na cainte ar "ndú" / Is iomdha caoi, 'ar ndú' le rud a rádh thar agus a rádh amach. Tá seisean ro-aigeanta len a rádh amach / 'Ar ndú mara bhfeileann sé duit fág do dhiaidh é. 'Sé an rud is gnaoidheamhla duit a dhéanamh é / Bhí a raibh aca ann ag imirt chártaí agus bhí Seán ag imirt 'ar ndú /

dóigheamhail = Aidiacht.

dóigheamhail = (i) slachtar, dathamhail, scéimheamhail, áluinn (: Dúithche Sheoigeach, Iarthar Chonamara) (ii) muinghíneach as; measamhail air; neamh-spleadhach; bródamhail as; tugtharach do; práidhinneach as; tuilleamach as.

Cailín dóigheamhail í. Ach is feasach di sin / Is deas dóigheamhail an buinneán mná í, bail ó Dhia agus ó Mhuire uirre. Ba dual di sin 'ar ndú'. Bhí a máthair féin amhlaidh / Ní fheicfeá cailín cho dóigheamhail léithe dhá gcuirteá slat ar pharáiste. Agus bha suarach an sramacháinín a d'eirigh léithe ins an deireadh, in a dheidh sin. Ní raibh lán do ghlaice ann, agus é cho snuighte, cho caithte, agus go sílfeá nach sáróchadh sé an tseachtain /[Ba dóigheamhail an fear a bhí annsin in aois a fiche bliain, ach tá sé as a shlacht uilig anois. D'eireochadh dhó agus a ndéanann sé d'ól agus de ragairne. Ní thóigeann sé ceann ar bith as le gairid]/ Bean sáthach dóigheamhail ag fear ar bith í, mura bhfuil tú ag iarraidh spéir na gréine ar fad. / Ní bheadh aon-mhaith dhuit a dhul ag sárú tada air. Tá sé an-dóigheamhail as a cheapadh féin. Síleann sé nach bhféadfadh aonduine a bheith ceart ach é féin. Agus dhá bhfeictheá an cháir mhagaidh a bhíos air le droch-mheas ar 'chuile dhuine. Is géar a theastóchadh lascadh uaidh /[Ní thaithneochadh an ceann céadna chor ar bith liom. Tá an iomarca cóirí catha aige agus é ro-dhóigheamhail as féin ar fad. Labhair mé leis an lá faoi dheireadh faoi shaor cloiche eicínt a thabhairt ag breathnú ar an mballa siúd atá sé a dhéanamh. Ba suarach an blas a bhí aige orm faoi go gcuimneochainn ar a leithide de rud. "Cé'n chúram saoir atá orm" arsa seisean. "Nach bhfuil mé féin indon balla a dhéanamh cho maith le saor ar bith" / Ná bac le duine ar bith a bhéas ro-dhóigheamhail mar sin as an rud a cheapas sé féin. 'Ar ndú' ní fhéadfadh duine ar bith fios a bheith aige ar 'chuile shórt. Cá bhfuigheadh sé é? Agus má theigheann sé aige sin, ní ins an árd-scoil a bhí seisean ach an oiread le ceachtar againn — ní h-eadh sin]/ Ná bí cho dóigheamhail sin asad féin a mhic ó. Níl fear dhá fheabhas nach bhfaightear fear a bharrtha. Is buach-aill cruadh miotalach tú — bail agus beannú ort — ach ní taobh leat atá Éire in a dheidh sin. Rachainn-sé faoi dhuit go bhfuighfí fear istigh ins an bpoll seo fós, nach bhfágfadh tada in do chomhnaí ionnad … M'anam go bhfuil siad ann / Deir siad go ngnothóchadh sé an rása sin gan stró ar bith marach cho dóigheamhail agus a bhí sé as féin. Shíl sé nach raibh rath ná ríoghacht leis an dream a bhí in a aghaidh, agus scaoil sé leo, nó go raibh an iomarca de thosach aca air, agus chinn air a scoth annsin. Is diabhlaí an bhail a chuir sé sin air féin — nach diabhlaí. / Tá S. seo thíos an-dóigheamhail de'n domhan as an gcliobóig d'inghin sin aige. Ní

iarrfaidh sí a dhul amach go deo ag cuartaidheacht! Ní thaobhóchadh sí damhsaí ar bhás an domhain! Maidir le fir, bhí sé cho maith duit fuath-fíonnach a shamhailt léithe le fir! Sin é ráidhte an athar. Ach aire dhuit a Sh! Níl sé seachtain fós ó a chonnaic mise istigh ins an raithneach annsin thiar í le fear! Bíonn ciúin cionntach, adeir siad / Tá sé an-dóigheamhail go deo as an bpáipéar nuaidheachta. 'Sé an páipéar béal na fírinne. [Ní bhíonn tada ins na páipéir ach rud a bhíos ceart. Agus nach mbíonn i leath na bpáipéir sin ach dearg-bhréaga. Ach ní ghéillfeadh sé a dhath dhuit]/ Tá sé cho dóigheamhail as a chuid fios féin agus dá mbeadh neach ag teacht chuige 'chuile oíche. Ní bheadh aon-mhaith dhuit cur in a aghaidh. Fág aige é má (dh)eireann seisean é. Sin é an bealach atá leis /

dóigheamhlacht: ainm-fhocal, buineann.
dóigheamhlacht: ainm-fhocal as "dóigheamhail"; slacht, maise, dathamhlacht, scéimh, breaghaichte

Dheamhan mórán dóigheamhlacht innte. Tá sí cho buidhe le buidhe-áille agus díol beirt de bhéal uirre / Má ghníonn dóigheamhlacht di é, gheobhaidh sí fear maith. Is breagh an bhean í / Ní raibh aon-dóigheamhlacht ariamh ag siubhal leis an dream sin, ach iad mór agus liopastach agus mío-shlachtar mar a fheiceas tú iad. / Má bhíonn duine taobh le dóigheamhlacht, ní bheidh mórán dá bharr aige. Grádh na h-ailpe é grádh an tsaoghail seo. Deir siad go bpósfaí bean as a dóigheamhlacht fadó ach má phóstaí ní fhaca muide é / Ní thiubharfainn trumpa gan teanga ar dhóigheamhlacht an domhain fré chéile d'fhuireasbhaidh rud eicínt in a theannta. Ní breaghaichte a ghníos brachán ach min, adeir siad. Is beag an mhaith an dóigheamhlacht mara mbeidh rud agad. /

dílleachta: ainm-fhocal, fireann, iolraidh = dílleachtaí
dílleachta: páiste a mbeadh a athair agus a mháthair básuighthe.
"Dílleaichtín cráidhte mé gan athair gan máthair, agus dá mbeadh mo chliú tárrtha cé'r chás dom a bheith falamh" (Cuaichín Ghleanntán Éifinn) / Fágadh in a ndílleachtaí iad sáthach óg / Agróchaidh dia é ar dhuine ar bith a chuaidh ag fiacadh ar na dílleachtaí bochta sin. Déarfá gur beag an tsúil le Dia a bhí aige agus a dhul dhá dhéanamh /

dragún: ainm-fhocal, fireann, iolraidh agus geineamhnach uathaidh = dragúin.
dragún: beithidheach uaithbhéalta a bhíos i gceist i scéalta. Ní bhíonn sé taobh le cloigeann amháin go h-iondamhail.

Deor: ainm-fhocal; buineann; iolraidh = deora, deorachaí

[Fuaim: bíonn r caol ann go h-iondamhail, cé's moite de'n tuiseal geineamhn-ach iolraidh i ráidhtí áiride ar nós "ag sileadh na ndeor", "ag folcadh na ndeor" agus a leithidí. Ach r leathan atá i "deora, deorachaí"].

Deor: múnóg; braon; sreabh; súmóg nó iarracht de lacht ar bith; sdriog.

Deoir bhainne, deoir uisce, deoir fuisce, deoir bhláthaighe, deoir bháistighe, deoir sháile, deoir ola, deoir "phetrol", deoir fhola agus rl. = múnóg de na rudaí sin. Níl deoir bhainne aice / Má mhaireann an triomach i bhfad eile, ní bheidh deoir uisce ins an tír / Níor chaith sé aon-deoir bháistighe anois le mí / Níor chaith sé aon-deoir bhiotáile anois le coicís / Níl deoir ola ag gabhail linn. /[Níor ól sé aon-deoir phoitín le gabhail 'un bliana / Níl deoir fhola ann. Is furasta 'aithinte é agus an dreach atá air]/ Fhobair a bhfanfadh deoir ar bith fhola ann nar chuir sé /[Shílfeá nach bhféadfadh deoir ar bith fhola a bheith fanta ann, leis an gcaoi a bhí air ag cur fuil sróine ar feadh an trathnóna / Níor thug mé deoir fhola th'éis an leagan a fuair mé / Dá dtugadh sé deoir ar bith fhola dubhairt an dochtúr go mbadh é a mhaith é — ach níor thug]/ Ní thiubharfainn deoir fhola le náire = bhí an-náire orm / An uair a thosuigh sí ag géaraidheacht orm, ní thiubharfainn deoir fhola le náire /[Chuir mé mo láimh in mo phóca agus dheamhan an sciúrtóg a bhí agam ach an scilling. Bhí an deoch ar an gcúntar, agus gan a luach agam. Dheamhan a dtiubharfainn deoir fhola le náire]/ D'ionnsuigh sé mé as comhair an phobail uiliog. Níl ainm thoir ná thiar nar thug sé orm. Dheamhan deoir fhola a thiubhar-fainn le náire]/ Anall leis go dtí mé as comhair a raibh ann. "Tá tú agam" arsa seisean. "Thusa a dhíol an bhudóig liom a bhí tolgtha". Fhob-air dhom tuitim i mbun mo chos. Ní thiubharfainn deoir fhola le náire.]/ Bhí 'chuile dheoir dhár shil sí cho mór le deoir aille = bhí sí ag gol go frasach, agus na deora ins an an-mhéid / Bhris an deoir faoin a súil : deoir a bhí cho mór le deoir aille /[Thosuigh an créatúr ag smutaireacht chaoineacháin, agus níl aon-deoir dá raibh uaithe nach raibh cho mór le deoir aille. Scrúdfadh sí thú / Is mór an t-iongnadh nach n-iarrfadh duine eicínt air eirghe as an ngol. Tá 'chuile dheoir leis cho mór le deora aille]/ Sin deora aithrighe atá leis = deora aithmhéala, nó deora a silfí de bharr peacaidhe / Tháinig sé amach ó'n

misinéara agus deoir aithrighe leis. Ach tá faitíos orm nach seasfaidh an aithrighe i bhfad, ach a bhfeicidh sé aon-deoir de'n fhear dhubh (: an leann dubh) / Caitheann sí an lá ag bualadh a h-ucht' agus deora aithrighe léithe má's fíor di féin, ach sin í an t-uisce faoi thalamh. [Is breagh uaithe geabh cúl-chainte a dhéanamh má chastar léithe an té a éistfeas léithe taobh amuigh]/ "Trí mhí a mhair Oisín beo: trí bhrat a d'fhliuchfadh sé ins an ló le deoir aithrighe as a shúile, ó a chuaidh sé ar aoibheanntas agus ar staid na ngrást" (: as Argóinteacht Oisín agus Phádraig) /
Tá na deora dubha ag toidheacht ar na fataí = na céad-spotaí dubha a theagas ar dhasachaí fataí sul a gcairthigheann an dubhachan (Achréidh) /[Is gearr ó na fataí anois. Tá na deora dubha ar fáil. Dar príosta is maith luath atá sé ag toidheacht imbliana le h-ais blianta eile / An bhfuil aon-chuimne ugad (: agad) a dhul ag "sprayáil".] Tá na deora dubha ar mo chuid-se le cupla lá. Ba deocair dóib gan a bheith ar aon-nós. Nach bhfuil an uair in a moirt uilig. / Tapuigh na deora dubha má's leat fataí a bheith agad. Is mór an cam-srón-birín ar dhuine a dhul thar ghort agus a bhfeiscint isteach uaidh. Mo choinsias 's dar m'anam, chuir siad le gaoth na gcnoc mé annsin thuas ar maidin indé /

Tá sé ag silt na ndeor = tá sé ag sileadh na ndeor / Tá sé ag folcadh na ndeor = ag gol go trom / Cé'n chiall an páiste seo a bheith ag silt na ndeor / "Mo dheaide bocht bocht agus maide faoin a ucht agus é ag silt na ndeor" (: Tomhais: an bun-tsop) / Bhí an deoir faoin a shúil = bhí an deoir ag briseadh faoin a shúil /[B'fhurasta 'aithinte air go raibh sé diomdhach dhuit nach bhfuair sé cead a choise. Bhí an deoir faoin a shúil / Is gearr an caoineadh uaithe anois. Tá an deoir cheana faoin a súil, agus í cho mór le fata beag]/ Tá na deora leis = tá deorachaí leis = tá sé ag gol /[Is gearr uaib anois a bhuachaillí! Tá na deora leis / Dar brigh an leabhair bhí deorachaí leis agus meacan an ghuil in a ghlór. Chuirfeadh pionta amháin ins an gcruth sin é cho maith le scór / An deoir féin níor shil sí, th'éis go raibh a máthair as cionn cláir / Níor shil mé deoir beag ná mór]/
Diabhal deoir a d'fhan ann ar an toirt = fuair sé bás tobann / Ar an dá luath agus ar chuala sé an scéal, dheamhan deoir a d'fhan ann le briseadh croidhe / Fuair sé bás. Dheamhan deoir a d'fhan ins an duine bocht. / Dheamhan deoir a d'fhan innte. Tá a sraith ar lár / Mara ndúinidh tu do chaiseal, dheamhan deoir a fhágfas mé ionnad / Bí ar do shon

féin ar T. Sh. Dheamhan deoir a fhágfas sé in do chluais, ná cuid de dheoir. / Bail ó Dhia ort. Ní fhágfadh sé siúd deoir i M. Mh. Is láidre é ná triúr mar é / Ní fhágfaidh sé deoir ann mara mbeidh sé ar a áirdeall féin. 'Sé atá deas air.]/ Níl deoir in a chluais. Is breagh an pháin é, dar príosta / Tháinig mé aníos an bóithrín agus fuair mé sínte ar an móinín bán é agus gan deoir ann /[Bhí sé in a luighe ó chluais go rioball thiar ins an seomra, agus gan deoir ann i gcosamhlacht. Nach gránna an cleas d'aonduine é féin a chur ins an gcruth sin len a shean-bholg tuatach]/ Níor fhága tú deoir ann — chriog tú in aoinfheacht é = cárta a buailfí / Thug tú an-tsnaoim (: tsnadhm) do mo chuileata. Níor fhága tú deoir innte / Ní fhágfainnse deoir in do h-aona hairt marach nachar eirigh liom a bheith ar an taobh ceart díot / Chuaidh sé 'fhoisceacht mbeannuighidh Dia do do Rí gan deoir a bheith in a chluais /

[Níor ól mé deoir ná blogham / Níl aithne deoir air, bíodh sé caithte aige nó ná bíodh / Níor ól sé deoir ná blogham ariamh / Ara céard atá tú ag rádh! Níl deoir ná sdriog ólta aige sin, má sin é do scéal. Uair annamh a mblaiseann sé sin d'aon-deoir]/ Oiread agus an deoir ní fhaca ar mo bhéal ó a d'fhága mé seo go deireannach / 'Bhfuil aon-deor caithte aige anocht. Má tá, aire dhaoib a bhuachaillí. Beidh sé ag craitheadh na nguailní / Má tá sé siúd ag caitheamh aon-deoir, ní fuláir do na daoine a bheith ar a son féin. Déanfaidh sé misc /

Ní bheidh aon-deoir le déanamh aige th'éis na h-oíche anocht = tá sé ag báisteach cho trom agus go gcaithfidh sé uilig í anocht /[Shíl mé nach mbeadh deoir ar bith le déanamh aige agus a bhfuil curtha aige le mí. Ach is cosamhail nach bhfuil a dhíol aige fós di]/ Beannacht Dé dhuit! Ag tuaradh tuilleadh báistighe atá tú! Dheamhan deoir ann nach bhfuil caithte cheana aige, míle buidheachas le Dia! /[Ná caintigh ar bháis-teach arís go bhfeicidh tú ráithe ó indiu. Tá 'chuile dheoir ins an aer caithte cheana aige, tá sin.]/ Ná bac le bróga! Agamsa atá na bróga agus na bróga gan rath! Níl deoir amuigh nach bhfuil istigh aca. Níl díon an deoir féin ionnta / Tá ainm tighe aige. Ach go deimhin is ainm é. Níl an deoir féin amuigh nach bhfuil istigh aige / B'fhéidir go raibh cótaí díonmhara ann roimhe seo, ach ní ó a tháinig an cogadh é. Tá ceann agamsa, agus ní fhágann sé deoir amuigh nach leigeann sé isteach /

dusta = Ainm-fhocal, fireann

dusta = deannach; créafóg, gaineamh nó a samhail a bheadh tirm; dust.

Dusta an bhóthair, dusta na móna, dusta adhmaid agus rl. ['Sé "dusta" an focal ar dust i gcoitinne, ach tugtar ainmneacha áiride ar chineál-acha áiride dusta .i. deannach an bhóthair, deannach na móna, min adhmaid, cnámharlach fataí, cailemhineog agus rl.]. Tá dusta ag eirghe indiu. / Chuaidh dusta faoi mo shúil / Níl dionnóid dhusta ar aon-cheo ag gabhail leis an teach / Tá an áit uiliog faoi dhusta / Tá muid plúchta ag dusta / Is mío-fholláin an rud an dusta sin a bheith ag gabhail in do phutógaí ó mhaidin go faoithin / Ní thiubharfainn dusta na sráide air = níl aon-mheas agam air /

Dustaí: ainm-fhocal; fireann.
Dustaí: caitheamh; idiú; drabhlás; plaicín ghabhair a dhéanamh de rud [Focal a bhaineas le Gnó Mhór agus Gnó Bheag. Ní mheasaim go bhfuil sé i gCois Fhairrge ná i gConamara]

Tá an mhóin sin ag fáil an-dustaí = ídiú; caitheamh thar cíonn; plaicín ghabhair a dhéanamh di / Bhéarfadh sé sin dustaí dhá chuid airgid dá mbeadh sé aige. Ach níl /[Thug sé dustaí do spré na mná. 'Sé a thug. Ní raibh flaisc ar bith sáthach mór aige le déanamh. Féastaí agus eirighe-amach, cóistí cinn as G. amach abhaile, ól agus ragairne agus drabhlás. D'imigh sé ar róthaí an tsaoghail an fhad agus a sheas sé, ach ar a shon sin tá sé gan pighinn gan bonn gan cnaigín anois.]
Sin é é. An uair a stopas an síol, stopann an fuirseadh /
[Cé'n chaoi a mbeadh féar aige. Ní fhéadfaidh tú do bhuilín a bheith agad agus é a ithe.] Céard a bheathuigh na buláin siúd i gcaitheamh na bliana …
Sin cruach fhéir a fuair dustaí. Ach dheamhan a fhios agam nach bhfuair sé congnamh faoin a h-ídiú / Fuair an buinín móna dustaí.
Nach raibh an baile rithte innte 'chuile ré soluis. [Bhí sí ar shúil an bhóthair agus casán 'chuile dhuine thairti, agus ní raibh duine ar bith ag dul ag cur aistir air féin droch-lá, ó a bhí fhios aige nach gcuirfí aon-tréas air faoi'n a dhul innte.]/ Gheobhaidh airgead Shasana an dustaí céadna anois agus a fuair an t-udhachta cheana. Diabhal blas de'n

cheart nach bhfuil aca a sásamh a bhaint as, 'fhad agus a sheasfas sé. Dheamhan a gcos a thiocfas a chodladh in a dtroscadh, ach an oiread leis an té atá cruadh coinneálach. Uair bheag agus uair mhór, mar adeir an ceann eile / Tháinic trí galúin déag poitín ann l'aghaidh cleamhnais agus bainse, agus nach dalba an dustaí a fuair sé agus nach raibh sdriog ann ag an dó dhéag an oíche sin. [B'éigin do thriúr a dhul 'un tiomána go S. an A. gur chíor siad é in ath-uair. Trí galúin adeirigh leo.]/

ding: Ainm-fhocal, buineann, iolraidh = geanntrachaí, dingeannaí.
[Fuaim: ding ciall a (i) = tá a fuaim féin ar gach leitir mar atá siad.
Ciall a (ii) = d > g; ng = nn; i > í (Cois Fhairrge). Ding = gínn, ginn]
Ding = (i) liocadh; brughadh; colbh ruda a chur as a chumraidheacht len
a chasadh nó a lúbadh isteach; "dunt". (ii) giota iarainn, adhmaid nó
cloiche a bhíos snuighte amach as a bhéal le tiomáint isteach i siunta
cloiche nó a macsamhail len a scoilteadh ó chéile. Iolraidh (ii) = geann-
trachaí. Iolraidh (i) = dingeannaí.

Brughadh agus ding ort! = eascainidhe
choitiannta gan mórán dochair / Brughadh agus ding oraibh — nach gearr ó cheana
'fuair sib coirce (cearca) / Brughadh agus ding ort! Ní dhéanfadh áit ar bith thú
le do chráig mhóir a leagan ach anuas ar mo chois thinn /[Brughadh agus ding
orra, nach bhfanann ins an mbaile, agus gan na daoine a bheith sáruighthe aca,
'chuile oíche ins an aer. Nímé dhá dteigheadh aos óg an tighe seo suas le
béal in áirde a dhéanamh dhá dteach-siadsan, cé'n chaoi a dtaithneochadh sé
leo. Cuirfidh mé geall gur beag an acmhuinn a bheadh aca]/ Brughadh agus ding
ort mar chut. Tá a bhfuil ar an drisiúr leagtha agad. Ní thú is measa
ach an ceann a d'fhága an muigín ar forbhás. Nacharbh fhurasta
'aithinte gur briste a bheadh sé / Brughadh agus ding ar a cadairne thuas
annsin, mara furasta léithe fir oibre a fháil! M'anam má fhaghann nach
muide é. [Rinne muid ar gceart cheana di sin — ní dhá mhaoidheachtáil uirre
é! — agus beagán dhá bharr]/ Tá ding ins an roth in áit ar buaileadh faoi'n
gclaidhe mé thiar annsin. Ní fhéidir a thabhairt ar ais in a chomhairthidheacht
féin gan a thabhairt ag "garage". Má theigheann muide ag putráil leis, níl
a fhios againn nach hé a bhriseadh in a dhá leith a dhéanfadh muid /[Tá an-
ding ins an "mudguard" tosaigh aige. Rith isteach i stuaicín an sconnsa thiar
ag an teach a rinne sé. A chuid sleamchúise féin, 'deile! 'Sé an fear deire
-adh é le dhul ingreim i roth mótair / Céard a chuir an ding ins an gcliabh
sin. T'anam feánnta ó'n diabhal marach go bhfuair an cliabh iarraidh — agus an-
iarraidh — ní bheadh an bhail sin air, agus cliabh cho láidir leis freisin.]/
Feicthear dhom maran ar mo shúile atá sé go bhfuil ding ins an mballa sin
idir an dhá fhuinneoig. An gceapfá-sa go bhfuil? Dar mo choinsias, tá lag
eicínt ann. Is furast' aithinte é / Is diabhaltaí maoilscríob-
ach uaidh coca féir a dhéanamh. Feacha an ding a d'fhága sé annsin anois.

Ólfaidh sé an bháisteach as éadan]/ Is maith an tuigheadóir é gan bhréig gan mhagaidh! Breathnuigh ar an tuighe a chuir sé thuas ar tigh S. Tá sí faoi chruiteannaí agus faoi dhingeannaí as cnáimh éadain. Ní leigfinn suas ar mo theach chor ar bith é. Námhaid í an cheird gan í a fhoghluim /[Bhuail sí cic ar an mbuicéad a's chuir sí ding ann. Ní féidir an ding sin a bhaint as anois choidhchin mar is ceart. Beidh sé ag liocadh i gcomhnuí de do mhíle buidheachas]/ Mara n-eirighidh tú as cuirfidh mé ding in do bhaithis. Is gearr an mhoill orm é, feicfidh tú féin air / Ding a bhí a chur in a leath-deireadh le barr na bróige. B'fhéidir go gcoinneochadh sin ó bhóthaireoireacht í. /

Gínn dá cuid féin a scoilteas an liomhán = le ginn dá geanntrachaí féin a scoiltear an dair = is píosa di féin is fhearr a thiomáint innte, leis an liomhán (nó an dair scaithtí) a scoilteadh; ní h-iad a náimhde ach a gcáirde gaoil agus a ndaoine muintreacha féin a chuireas cine, muirghín, teallach, baile nó lucht aon-cheird de dhruim seoil / 'Bhfaca tú Sasana an uair a chinn sé uirre an ceann is fhearr a fháil orainn annseo, gur shaghd sí dhá dhream againn in a chéile. B'fhurasta di magadh a dhéanamh fúinn an uair sin. Bhí muid fhéin ag déanamh a cuid oibre di. Gínn dhá cuid féin a scoilteas an liomhán adeir siad /[Bhí siad uiliog mar a bheadh confairt ann ar thí an rud a bhí agam. Ach ba é an té a d'oil mé ar mo chích féin ba mheasa dhom in a dheidh sin. Chuala tú ráidhte ariamh é gur le gínn di féin a scoiltear an liomhán. Ba shin a fhearacht agamsa é]/ Má tá na maistirí scoile iad féin anois in árachaí a chéile feicfidh tú spóirt. Le ginn di féin a scoiltear an liomhán. / Céard a d'fhága ar lár iad, ach a ndaoine féin. 'Siad a fhágfas an dream seo ar lár freisin muis. Duine eicínt mar sin a bhíos geanntáilte isteach a theigheas ag allúchan (: ollmhúchan) na scléipe i gcomhnuí. Le ginn dhá geanntrachaí féin a scoiltear an dair /

Gínn tú! = Is ait thú! = mo chuach óg thú! = mo ghoirm go deo thú! = is tú atá deas air! / Gínn é T. Ph.! Ná h-iarr in a dhiaidh é an uair a thiocfas sé dhá dhéanamh. / Gínn thú a mhic ó. Faoi do chois é! Nar chaillidh mé choidhchin thú go bhfaghaidh mé aríst thú. Ach cé'n chaint sin orm. Thug tú an damhsa as buaile leat. Dhaimhseochadh do shean-mháthair — go ndéanaidh Dia grásta uirre! — ar phláta /[Gínn iad na Germans! Tuilleadh ghéar do'n Diabhal anois ag Sasana. Is fada sin ag tastáil uaithe. Ní bheadh aon-mhaith ann an uair nach mbainfí as a lúdrachaí ar fad í. Sin é a d'fheilfeadh dhi]/ Gínn thú!

Gínn thú a bhuachaill! Leag air a fhleasca(igh). Tabhair an dara thairt dhó! Tabhair cor coise dhó agus buail fút é a chailleach … Dheamhan de rath ort in a dheidh sin … Dar fiaguidhe, tá tú in do phuca aige … Gínn é an fear eile féin … Aire dhuit … [Diabhal mé go gcuirfidh sé taobh na bpoll as do chíonn fós] … Tá féith ó'n tsinnsir ins an ngearrbhodach sin. / [Is gínn é mac Mh. Mh. Ní gínn go dtí é agus an bóthar cairr a rinne sé thuas annsiúd thríd na clochair. Bhí siad ag priocadh annsin le linn na seacht n-aithreachaí ach chinn sé orra aon-chúis a dhéanamh, gur chuir sé an "gelignite" ionnta. 'Sé an "gelignite" an buachaill!]/

Níl annsin ach clocha reatha. Ní clocha choiléir iad. Bhainfeá le gró agus geanntrachaí iad. Is breagh seasúch (: seasmhach) na clocha iad, dá mbeadh glac bainte dhíob / Measaimse nach dteastóchadh púdar ar bith uaithe sin. Tá siuntaí uirre agus d'eireochadh sí in a scramhannaí de dhruím a chéile dá mbeadh geanntrachaí maithe agad. Ach níl aon-ghinn 'e rath agad. Sin é an buille / Ní ginn ar bith a thastuigheas uait léithe sin ach spéice maith agus borradh a choinneál léithe, go dtugtaí aníos ar a corr í. Bail ó Dhia ort féin agus ar do chuid geanntrachaí! Níl tú ach ag cur anró ort féin má shíleann tú a scoilteadh /[Is deacair aon-bhantáiste a fháil uirre mara n-eirigheadh leat breith uirre le gínn annsin. Shílfeá go bhfuil sí ag síneadh in a bréidíní. Teirigh ag priocadh léithe annsin go ceann tamaill leis an ngínn agus leis an ord, go bhfeicidh tú an bhféadfaidh tú aon-cheart a bhaint di.]/ Is diabhlaí cascartha an leac í. Níl gínn ar bith indon aon-cheart a bhaint di. Chaith muid an lá ag saimhseáil léithe le geanntrachaí, ach sin é a raibh dhá bharr againn. Caithfidh mé eadarsuth eile léithe imbáireach, agus má chinneann orm aon-sceabhadh a bhaint di, fágfaidh mé annsin ins an tubaiste í, nó go dteagaidh púdar / Tá gínn aige anois ar an mbaile se' agaibhse, agus ní chomhnóchaidh sé go gcuirfidh sé gínn eile ar an T. Agus tá trí nó ceathair de gheanntrachaí eile aige le spáráil = fear ag pósadh a chlann inghean / Tá gínn de na S. istigh i mbéal an doruis agad anois. Fainic nach gínn eile aca a scoiltfeadh thú féin = tá a leithide seo de bhean pósta gar go leor duit. Bí ar do shon féin nó meallfar thusa le duine eile de'n dream céadna a phósadh. / Neartuigh sé é féin thar cíonn ó a chuaidh sé isteach an chéad-uair. Ní féidir feanc a bhaint as anois. Do cheann-finne ní chuirfeadh amach é. Tá geanntrachaí aige ins 'chuile áit — siar agus soir. Is gínn leis 'chuile dhuine de na bossannaí bóthair agus de na dearcadóirí eile seo a chuir sé isteach. Cuirfidh mé mo rogha geall

leat nach bhfuil aon-bhaile dhá gcuimhneochaidh tú air d'uireasbhaidh duine atá ag fáil deoladh eicínt uaidh /[Dhá dteigheadh sé ag iarraidh bhótannaí anois, ba deacair a gcoinneál uaidh. Cine tréan iad a mhuíntir. Cá'il an áit ins an tír nach bhfuil gínn aca, agus iad ceannasach frén a chéile? / 'Bhfuil a fhios agad cé'n fáth go bhfuil G. ag iarraidh é sin a chur ins an bposta sin: igcruth agus go mbeadh gínn aige féin in aghaidh an fhir eile an uair a thiocfadh air. Níl néal ar bith air sin deirimse leat. Tá a fhios aige nach hé lá na gaoithe lá na scolb]/ Ní ghnothóchadh an saoghal ar Shasana. Le teann imeartais agus gleacaidheacht' atá sí indon an domhan as éadan a choinneál géilleamhnach di féin. 'Ar ndú ní raibh oileáinín ná carraig dubhshlánach ar bith ar fud an domhain ar fad nach raibh fastuighthe aice. Tá a cuid geanntrachaí faoi sheacht ranna an domhain. Tá a shliocht uirre: Ní bhainfeadh an Diabhal as a lúdrachaí í. [Fuair sí cupla priocadh maith ins an gcogadh seo, ach má fuair féin thug sí a cuid beanna léithe in a dheidh sin. Is mór an feall nach bhfuair an Jap beag congnamh. Bhearnuigh sé go maith í. Ach tá faitíos orm nach raibh ann ach an rith searraigh in a dheidh sin]/

dingthe: aidiacht-bhriathar [ní mheasaim go mbaintear aon-leas as ach in a A. Bh.]
Dingthe: lioctha; brúighte ar a chéile; lag curtha i gcorr nó i gciumhais rud;
fáiscthe diúrnáilte; sceacháilte anuas; rud as a riocht.

Tá na cocaí dingthe brúighte = lioctha ar a chéile; iad gleannach mar
a bheidís dá mbeadh beithidhigh nó daoine ag bualadh in a n-aghaidh /[Rinne
muid trí choca móinfhéir trathnóna aréir agus bhí siad dingthe ar fad ar
maidin. Fuair mé lorg beitheadach ins an ngarrdha. Níor tharraing
siad iad, agus ach 'sé a chosamhlacht go raibh siad dhá gcuimilt féin in a
n-aghaidh. / Is beag an dochar dhó a bheith dingthe. Is iongantas nach leagtha ar
fad atá sé. Chaith paicle gasúr an trathnóna aréir ar fad ag rith de
rithte-reathach faoi, agus ag eirghe suas air agus dhá ghuailneáil. Dhá mbeirinnse
orra bheadh scéal aca air. Mo léan géar d'fhan siad uaim]/ Tá an chruach
choirce sin dingthe lioctha ar a chéile. Buaileadh an iomarca uirre. Nach
raibh 'chuile dhuine ar an mbaile agus a thuairgín aige in a h-éadan. Agus
bhí an ceann a bhí dhá dhéanamh ar meisce — ar dearg-mheisce! /[Tá
tóin na méise dingthe ar fad. Na ruifíneachaí de ghasúir sin aríst. Tá
siad cho h-ámhuilleach len a bhfaca tú ariamh. Tá sé de bheith orra
a bheith ag déanamh míllteanais 'chuile ré soluis]/ An mbeadh a fhios agad
faoi do righe anois cé'n chaoi a bhfuil an láighe sin — láighe nuadh — dingthe.
[Chaith mise an bhliain anuiridh ar fad ag mianadóireacht ins an
tsean-bhreaclach sin thiar, agus níor chuir mé an bhail sin ar an láighe
a bhí agam. Chaithfeadh sé gurb í a sníomh idir dhá chloich a rinne sé]/
Shílfeá go bhfuil an "bag" dingthe. Duine eicínt a shuidh air ins an mbus.
Seadh go siúráilte. Duine ar bith atá ag traibhiléaracht mar sin
aimsir na Nodlag, is deacair dó rud ar bith a thabhairt slán. Bíonn
busannaí agus traentachaí líonta go drad.]/ Cheannuigh mé hata breagh
nuadh — luach punt — agus fébrí cé'n chaoi ar leag mé ar an "sate" le
m'ais é, dheamhan easna de shean-chailleach nar tháinig isteach agus
nar ghróig sí í féin síos in a mhullach. Ní fhaca tú carghas go
dtí é. Bhí sé dingthe brúighte ar fad. Chinn orm ariamh a chumraidheacht
féin a chur air in a dhiaidh sin. Is mór dhá fhonn a bhí orm, bíodh a
fhios agad a dhul ag "blasteáil" na sean-mhná /[Tá an "fag" dingthe
ar a chéile ar fad. B'fhéidir dhó a bheith slán in a dheidh sin. Níor
cheart duit a mbúrláil síos in do phóca mar sin. Fagh boiscín beag
mar atá agamsa]/ Geanntailte fc. geanntáilte /

daoitheamhail = aidiacht

[Tá h soiléir lár-focail ins an bhfocal seo, cé gur de thréartha Ghaedhilge Chois Fhairrge — an t-aon áit ar chuala mé é — gan aon h idir-ghuthaidhe a choinneál]

daoitheamhail = danradh, mí-oibliogáideach, dúnárusach, gan a bheith foscailteach ná bronntach [Mar atá sé i gcaint anois, ní "churlish" ná "unhospitable" amach is amach é, cé go bhfuil an dá thréith sin i gceist ann. Tá sé gar go leor go "dhanradh" freisin. An "fear danradh" cuirigcás, chuirfeadh sé a mhargadh go bun an amhgair agus níorbh fhéidir ceannacht uaidh, bheadh sé cho líomhtha sin an phighinn is aoirde a bhaint amach. Ach an "fear daoitheamhail", 'sé an chaoi nach ndéanfadh sé margadh ar bith leat, dhá bhfeiceadh sé go raibh spéis ro-mhór agad ins an rud a bhí sé a dhíol. Bheadh sé scanruighthe go ndéanfadh sé leas duit, nó go leigfeadh sé féin uaidh é ro-bhog].

Is daoitheamhail an duine é. D'iarr mé ceap air an lá faoi dheireadh, le tosach a chur ar mo bhróig, agus dubhairt sé nach raibh aon-cheap aige, aindeoin go raibh mé ag breathnú air istigh faoi'n drisiúr le mo dhá shúil, an puínte céadna. Faitíos go leasóchadh sé tada fúm: Sin é an fáth nach dtiubh-arfadh sé dhom é. Thairgfeadh sé do dhuine é an uair nach dteastóchadh sé chor ar bith uaidh /[Baoghal air siúd a bhudóigín a dhíol leat. Ar an dá luath agus a bhfaca sé go raibh tú líomhtha ag (: chuig) a ceannacht, ní leigfeadh sé lag labharta as na aon-phunt dhéag í. Ag iarraidh thú a chur uaithe a bhí sé an uair sin. Ba mhór leis duit í pé'r bith cé'n t-airgead a thiocfá léithe. Tá sé cho daoitheamhail le aon-duine a chonnaic mé ariamh]/ B'fhéidir go bhfuil leabhra aca, ach 'mo choinsias má tá, ní le t'aghaidh-sa ná l'aghaidh aon-duine eile iad. Níl sé cruthuighthe ar an talamh indiu an té a thiubharfas ceann de na leabhra sin amach an dorus. Daoine daoitheamhla mar sin iad faoi'n rud atá aca. Ba deas ba mhian leo an rud a bheadh ag duine eile a fháil iad féin muis. Ach tá rud le déanamh leo: cor in aghaidh an chuir agus cam in aghaidh an chaim a thabhairt dóib / Déarfadh sé go maith annseo é, ach cuirfidh mé geall leat nach n-abróchaidh sé in mo láthair-sa é. Ní abróchaidh a mhaisce, mar tá faitíos air go dtóigfinn é. Sin é a bhfuil aige, Laoi na Mná Móire, agus tá sé cho práidhinneach as sin agus a bheadh cut as póca. Ní bheidh sé ag aon-duine eile nó is cinneamhaint air é.

[Sin é an fear daoitheamhail i gcomhnuí. Nach mbíodh L. ar an gcaoi chéadna

le M. Ní abróchadh sé píosa Fiannuidheachta a bhí aige in áit ar bith dá gcasfaí M. faitíos a dtóigfeadh M. é. Mheabhruigh M. do dhuine eicínt eile a dhul isteach agus é a chur dhá rádh, agus sheas sé féin ins an dorus dúinte ag éisteacht. Chuaidh sé isteach de mhaol a mhainge an oíche dhár gcíonn agus dubhairt sé 'chuile mhíle focal di do L. An uair a chuala L. é, bhí sé indiaidh sásamh ar chuma eicínt. "Tá trí ceathramhnaí nar chuir mé ann" arsa seisean. "Bhí a fhios agam go raibh tú ins an dorus iadhta." Bhrath sé é … Dheamhan ceathramha ná cuid de cheathramha a bhí ar iarraidh ach bhí air aige marach eicínt a fháil air …]/ Nach diabhaltaí daoitheamh-ail an mhaise dhó anois é, nach dtiubharfadh sé ceirt na n-easbaí dhom agus fios aige gur theastuigh sí uaim. 'Nuair a d'iarr mé air í, bhuail sé a shrón ins an talamh, mar a bheadh púca ann, agus thosuigh sé ag mungailt faoin a fhiacla. Céard a déarfá len a leithide sin /

daoitheamhlacht: ainm-fhocal, buineann
daoitheamhlacht: mí-oibliogáid; Dúnárus; danracht; gan a bheith foscailteach ná bronntach; cheal oinigh; neamh-fhlaitheamhlacht; tuataighil.

Tá an daoitheamhlacht ag imeacht leis ariamh. Ó, chonnaic mise a athair féin, agus ní thiubharfadh sé slaidín cairr do Mh. Th. D. a raibh an carr cliste air annseo thíos. Tháinic sé isteach aige, agus d'iarr sé ar son Dé air a thabhairt dhó, agus ní thiubharfadh sé saoradh ná séanadh dhó faoi. Scaoil sé amach aríst é, agus a dhá láimh cho fada le chéile /[Is beag dhá chuid daoitheamhlacht' an méid sin. Chuaidh mé go bun-an-amhgair críochnuighthe leis ag iarraidh an bhudóigín a cheannacht uaidh, ach cho luath agus a chonnaic sé go raibh mé in a diaidh, d'eirigh sé as an margáil ar an bpuínte. Ba mhór leis dom í. Sin é an chaoi a mbíonn sé i gcomhnuí. Ní bhfuighidh aonduine tada uaidh]/ Cá bhfágfadh sé an daoitheamhlacht? Níor fhága sé slis ná dual di in a dhiaidh. 'Sé mac a athar ceart é. Ní hé a mhalrait é. /[Is beag an luadh a bheadh aige na geanntrachaí a thabhairt dhom th'éis gur iarr mé air iad. Cé'n bhrigh ach ní leis féin iad. Sin geanntrachaí a bhí ag lucht an bhóthair agus choinnigh seisean iad an uair a bhí an oirnis thuas ann. Rinne sé a chuid féin dhíob.] Dhá mbadh leis féin féin iad, nar dhaoitheamhail an chaoi dhó gan a dtabhairt do chomhursa — ní áirighim nach mba leis. Mhúinfeadh cuid de na daoine críonnacht duit, ach dheamhan a fhios agam an de'n chríonnacht an cheird sin ach oiread /

Diúl (: deol): briathar, ainm-bhriathar. [Teigheann "i" ins an bhfréimh ach amháin ins an ainm-bhriathar]
Diúl: lacht a tharraint as rud ar bith leis an bpus a theannadh timcheall air,
agus é a shúghadh.

Sin laogh diúil = laogh óg ar úgh a mháthar; coileán diúil, uan diúil, banbh
diúil, searrach diúil, agus rl = ceann ar bith a bheadh ar an úgh; miolgaire. /
Tá sé in am uan diúil ar bith a choisceadh feasta, i mbrollach an
Fhoghmhair thall / Ní mór gobán a chur ins an mionnán diúil atá
againn, nó ní bhuachfaidh muid aon-cheo ar an máthair, agus teastuigh-
eann bainne tae go géar uainn /[Tá laoighdín diúil againn, agus is
deacair leis aon-deor bhainne a ól chor ar bith, th'éis gur chaith
muid an tsíorruidheacht ag tabhairt méir' dó. Níl aon-mhaith aige
ann mara bhfaghaidh sé cead diúil ar an máthair / Bhí sé ag
strócadh ag iarraidh cead diúil. Le teann fórsa a coinnigheadh uaithe é]/
Tá uan aca — peata diúil — agus d'íosfadh sé cnapán siúicre amach as
cúl do ghlaice / An iomarca diúll a fuair sé — chuaidh sé faoin a bhiseach. / Dhá
laghad diúl dhá dtugaidh tú dhó 'seadh is fhearr é. / Is beag an diúl a
iarrfas sé. Tá sé cruadh-chúiseach go leor dhá fhuireasbhaidh /[Ní dhiúilfeadh sé
an mháthair dá mbeadh do chailleadh go deo leis. Sin é a d'fhága gan aon-bhrigh
é. Rud ar bith nach n-ólfaidh lacht a mháthar, tá a chuid bisigh ar iarraidh /
Is gránna an faisean atá aice, ag diúl a méire i gcomhnuí / Tá somachán
ag diúl ar an gcích fós ann, th'éis an aois atá ag an gceann is sine /
Bhí siad dhá chur ag diúl agus ní dhiúilfeadh sé / Déanfaidh tú maide milis de
do mhéir dhá diúl / Bíonn sé ag diúl leis as an mbuidéal siúd i gcomhnuí]/
Le giolcach a dhiúil siad an fuisce as an gceaig — 'seadh inDomhnach. Tá
siad oilte ar an gceird sin. 'Ar ndú' 'sé an chéad-bhiadh ins an sliogán dóibh é /
Tá sé ag dul ó dhiúl = níl sé sásta diúl a dhéanamh níos fuide / An bhfuil
tú i riocht diúl as? / Shílfeá gurb iad na luchain a bhí ag diúl do chuid
gruaige = Déarfaidhe é seo le gruaig a bheadh sraimlidhe cuileach / Shílfeá
gurb iad na luchain a bhí ag diúl a cuid gruaige, tá sí in a
cuileachán cho mór sin / Céard adeirigh de do cheann, nó ab iad na luchain
a bhí ag diúl do chuid gruaige. Tá sí as compás ar fad /[Tá sé cho socair
agaibh agus gur gearr go dteighidh sib ag diúl air = duine réidhchúiseach a mbeadh
dream eile ag spochadh leis, agus ag déanamh míádha air, nó ag baint bearraidheachaí
dhe]/ Fuair siad cho réidhchúiseach é, agus an uair a bhí a cuid uiliog árduighthe leo
aca, go ndeacha siad ag diúl air /

dioc (: gioc) = ainm-fhocal, buineann, geineamhnach — cho fhada lem' eolus ní bhíonn aon-gheineamhnach air /

Dioc = crupadh, cruit, cromadh, creathadh, creaithtí, eittealla.

[Fuaim d nó g tosaigh. Is minic gach aon-cheann aca ag an duine céadna]

Tá dioc (gioc) air leis an bhfuacht = é cruptha suas nó cromta le teann fuaicht. B'fhéidir go mbeadh sé ag eitealla (nó creaithtí fuaicht air) freisin /[Nach dona na gnaithí atá air, ag gabhail amach ag obair a leithide de lá. Tá sé ar fascadh i lúibinn an chlaidhe anois agus gioc air leis an bhfuacht agus leis an donacht]/ Is gearr an bás uaidh anois, ó a tháinic an dioc sin air. Ní fheicfidh tú ins an gcomhaireamh ceann bliain ó indiu é. Dheamhan é muis. /[Chuaidh sé suas ar ball agus máilín aniar faoin a bhrághaid agus gioc air. Gheobhthar caillte chois an chlaidhe thuas ins an ngarrdha sin thuas é lá eicínt. Ní mian leis gan a bheith ag mianadóireacht leis ann, in a a dheidh sin]/ Tá sí cruptha ar a chéile ar fad anois agus dioc an fhuaicht uirre, agus bannlámh smaoise. Scrúdfadh sé na clocha a bheith ag breathnú uirre ag dul síos lena ciseán ag piocadh faochan. Níl aon-ghrádh-diadha ins an té a chuireas amach í — níl sin / Tá dioc air le scoilteachaí.

An bhfeiceann tú go bhfuil sé in a chamalóid uiliog /[Má chaitheann sé coicís eile faoi'n ropadh gaoithe adtuaidh údaidh is caillte an ghioc a bhéas air. Is caillte an ghioc atá cheana air, arsa tusa scáth seachtaine. Má sheasann an bóthar go dtí na P. Th., anuas ar na maidí a thiocfas sé go siúrailte. Is fuar an dithreabhach é ag déanamh bóthair]/ Dar príosta bíonn sí ag imeacht i lár an tsamhraidh agus an dioc sin uirre. 'Bhfuil ágóid ar bith is fuaire ná í. Ní cheapfainn é /[Is beag an dochar do'n duine bhocht gioc a bheith air agus an aois atá aige. Tá na cúig déag agus cheithre fichid bailighthe aige. Tá 'mo choinsias. Le aois atá sé cromta mar sin]/ 'Bhfuil fhios agad cé'n fáth an dioc sin a bheith uirre ag imeacht.

Dioc cantail é sin. Tá an phrioc sin ithte leis an gcantal. 'Sí an ball is coilignighe í a bhí i dteach ariamh /[Tá sé ag dul thart le seachtain agus gioc air ag an tinneas droma. Dar fiadh beidh gioc air, ach a mbeidh an tsean-ghrainseach siúd saothruighthe aige]/

Feacha an dioc fuaicht atá ar an duine bocht. Tá sé ar creathadh
leis. Nach mór an t-iongnadh nach gcuirfidís snáth eicínt éadaigh
thairis sin air, gan é a leigean thart maoilscríobach ar fad /
[Ghróig sí í féin istigh ins an gclúid, agus chuir sí gioc uirre féin
go mbadh gheall leis an gceann-cait sin í a d'fheicfeá ins na
sean-bhallaí. Ach mo léan géar ba bheag an ghioc a bhí ar a
teanga.]/

diocach, diocaichín, giocach, giocaichín, diuicín, giuicín:
ainm-fhocla, buineann.
Diocach agus rl = guróir; duine a mbeadh dioc (: gioc) ag imeacht air; duine a
mbeadh creathadh air, nó a bheadh cruptha nó cromta, nó buailte ar a
chéile ag an bhfuacht, ag an aois, ag an donacht nó a leithide;
driúcaidhe [Tugtar diuicín, giuicín, go h-áirid ar ghasúir nó ar dhaoine
nach mbeadh an rath bisigh fútha]

Is cuma dhó céard a dhéanfas sé. Is gearr an bás uaidh. Tá sé ag imeacht
in a ghiocaichín leis an bhfuacht. / Is gearr isteach ins an mbliain nua —
dheamhan a fhios agam nach gearr isteach ins an ngealach nua — a thiocfas
an ghiocaichín sin. 'Bhfeiceann tú an chruit atá ag teacht uirre, agus tá
snuadh an bháis in a ceann-aghaidh /[Leig de do chuid cumadóireacht' anois.
Meastú an gcreidfeamuid thú? Cé a phósfadh an diocaichín dona úd?
Dheamhan bean a phósfadh é dhá mbadh Éire taobh leis. Bheadh féirín ag an mbean
a phósfadh é sin muis!]/ Tá diocach chaillte de laogh aige, agus 'sé
a chloch-neart é má sháruigheann sé an tsíon seo. Tá sé annsin thuas
anois in a ghuróir i lúibinn an chlaidhe, agus é ag eitealla leis an bhfuacht. Tá
an bhuinneach air i gceann mar tá sé. Sin í an cailín atá indon giorrú le
na laoghanntaí /[Ní cheannóchadh aon-duine beo í ach é féin. Bhí sí in a giocach
thoir annsiúd le claidhe agus gan an ceannachthóir féin ag breathnú ins an
taobh a raibh sí. Tháinic sé aniar agus bhuail sé fúithe. Diabhal mé go bhfuair
sé ar amhrán í. Nach h-ait a sceinn sí amach in a dheidh sin. 'Sé an chaoi
a bhfuil sé má tá an beithidheach ag dul duit, níor mhiste dhuit dá mbeadh
sé ar a chailleadh ach eireochaidh sé. Mara bhfuil, ní choinneochadh leágha
na bhFíann beo é]/ Chonnaic mé an ghiocaichín sin thiar ag S. Ph. ag dul 'na
phortaigh. Bígidh ar 'u' (: bhur) son féin anois. Níl aon lá ariamh nach

mbeadh nead easóige ins an gcruaich se'aca fhéin (: ní thaobhóchaidís a gcruach féin, ach an mhóin a ghoid as cruacha eile). / 'Ar ndú ní indon a dhul ag cur fhataí atá an diocach sin. B'fhéidir go mbainfeadh sé buirdín asta amach faoi Bhealtaine an uair a bheadh an aimsir ársuighthe amach agus an teas ag teacht ins an lá, ach má bheireann sinneán de'n tsean-bhó ar chnocán righte air, tá a chuid bainne sláinte ólta / Ní fheilfeadh áit ar bith don ghiocach údan ach istigh i gcomhnuí ag breacadh a luirgne, agus "fag" as a béal. Maidir le bheith amuigh ag scaradh síolta ar bhuirdín guirt, ní hí ab fhearr liom. Ní hí is fhearr ach an oiread. Is mór an t-iongnadh nach dtugann sé gaoth bhuird amach as an ngort di uiliog /[Tá giocaichín asail aige, agus is gearr an bás uaidh. Tá sé dhá chailleadh le truaill-eachas. Tiubharfaidh seachtain eile a dhíol le déanamh dhó. Sin é an uair a bhéas sé idteannta ceart, 'nuair nach mbeidh tada aige le móin, aoileach ná feamuinn a tharraint]/ Is fada í in a diocach mar sin. Na scoilteachaí atá dhá dhéanamh uirre. Ní fhaghann sí réidh an achair chor ar bith anois uatha /[Má bhí sí in a bean bhreagh tamall, níl sí amhlaidh anois. Tá sí ag imeacht in a diocaichín agus a dhá ceann buailte ar a chéile. Is mór atá an aois indon a dhéanamh / D'fheicfeá ag imeacht in a dhiocach suas ins na póirsí siúd é corr-uair agus pluideog dhearg air, agus é gorm leis an bhfuacht. Ba dona an mhalrait ag an duine bocht sin é. Dhá bhfanadh sé ins an áit a raibh sé, bhí aige, seachas a dhul síos ar na leaca fuara sin ag scríobadh leis an ngantann go bhfaghaidh sé bás]/ Tá sé in a ghiocaichín ag na neascóideachaí. Ní fhéadann sé a chloigeann a dhíriú beag ná mór ag péire atá ar chuinc a mhuiníl. Tá siad in a mbúist-iúin ar 'chaon taobh agus beireann siad ar chába an tseaicéid má bhaineann sé feanc ar bith as féin. / Tá tú deallruighthe a dhiuicín. Deasuighidh suas agus leigidh áit ag an teine aige. Tá tusa ro-lag le bheith ag imeacht ag "routáil" ar bhóithrí /[Cé leis an ghiuicín beag a raibh fuar nimhe in a lámha … B'fhurast' aithinte. Ba fuar an éadáil é a athair féin 'chuile lá ariamh. An uair a mbíodh muid ag déanamh claidhtheachaí fadó, ní thagadh iabh air ar feadh an lae, ach ag cur séideogaí faoi na bosa / Go bhféachaidh an t-Athair Síorruidhe ar an té atá taobh leis an diuicín de ghasúr sin. Tá a cuid fataí ar iarraidh, má tá sí in a chleith-eamhnas-siúd len a gcur. Dheamhan caolóid a bheadh curtha aige go dtí oíche Nodlag. /

dioscán = ainm-fhocal, fireann, geineamhnach — dioscáin

dioscán = seala, plód, glac, scata, roint, ceanna, riar, bulc, baiscín.

Bhí dioscán maith daoine ann, pé'r bith cé'rb as a dtáinic siad / Chonnaic mé dioscán beithidheach ag dul suas bóithrín an bhaile se'agaibh-se aréir. Cé leis iad? /[Shílfeá go bhfuil dioscán breagh caorach aige anois. Diabhal mé go bhfuil. Is fear é a bhfuil an saoghal ag feithiú leis go maith le fada, chonách sin air]/ D'eirigh dioscán maith de na runnachaí leo indé, bail ó Dhia orra! Bhí an-mharbhú orra, chuala mé. Ní raibh ort ach caitheamh amach agus bheadh plíoma agad ar ala na h-uaire. /[Tá dioscán maith sicíní aice má's léithe féin ar fad iad, ach b'fhéidir gur leo thrín a chéile iad. Dheamhan a fhios agam / Cé mhéad a chuaidh an dioscán uan siúd a bhí thoir aige lá an aonaigh. Ba bhreagh na luadháin iad. Is mór an t-airgead a ghabhfaidís bliain go h-am seo / Rinne dioscán buláin le S. Ph. Mh. foghail air annseo an bhliain cheana. Ba bheag aca a bhí ann déarfainn, ach má ba bheag mór é, soir leis de mhaol a mhainge gur fhuagair sé do na póilíos é. Sin é an fear atá géar faoi fhoghail. Agus cuid 'chuile dhuine foghluighthe aige féin. Ach bíonn daoine ann mar sin]/ Thug sé dioscán mór éisc as Gaillimh leis. Diabhal bréag nach dtug. Bhí tóir ar an annlann ariamh féin aige. Ní bheidh an turaidheacht aige nó is cinneamh-aint air é /[Dhíol sé dioscán mór turkeys i mbliana, agus má dhíol féin, dheamhan mórán a bhí dhá mbarr aige déarfainn. Bhí an-dola air dhá mbeathú.]/ Ba bheag an dioscáinín a bhí ar a shocraíde, aindeoin gur dhligh 'chuile dhuine ins an tír sochraíde dhó. Ach sin é an chaoi /

Fear as an dioscán atá indon an rud sin a dhéanamh = fear ins an gcéad; duine sé nó seachráin /[Ná bac le bean cheart a fháil anois! Bean as an dioscán atá ceart. Feiceann tú féin a gcuid cóirí catha agus a gcuid cluanuidheacht' cho maith liomsa. Meastú nach deacair a mbarruidheacht]/ Duine as an dioscán a bhfuil a fhios aice céard a bhaineas do thúirne anois. Dheamhan triúr ban óg in do thír a rug ar chárla ariamh, ná a bhfuil a fhios agamsa a n-aithneochaidís cárla dá síntí chuca é / [Póilí as an dioscán a bhfeicfidh tusa aon-mhaith leis. Bíonn siad fhéin ag faire ar a chéile, agus an té aca a leigfeadh thairis thú ní leigfeadh an faitíos dó, mar b'fhéidir gurb é an chaoi a mbeadh ceann eile ag faire air fhéin / Sagart as an dioscán anois a bhfuil aon-laeth-eamhlacht ann mar 'bhíodh ins na sagairt fadó. Tá an saoghal ro-mhór

ar a gcomhairle féin aca agus fuigheall na bhfuigheall aca anois. Fadó bhídís
bocht agus croidheamhail, ach tá imní faoin a gcuid saidhbhris orra,
ar an saoghal seo / Saighdiúr as an dioscán nach mbíonn in a scaibh-
téara. Agamsa atá a fhios é, mar bhí mé ionnta. Bíonn an iomarca
meirse orra le bheith ar a mhalrait /[Duine as an dioscán a bhfuil sé
mór leis, ach an té a bhfuil dhéanfadh sé soilgheas ar bith faoi'n
ngréin ghil dhó. Ach ar an gcóir céadna an té nach dtaithnigheann leis, is beag 'e chúntan-
ás a bhéas aige leis. D'ionnsóchadh sé é ar ionntú an tsuip]/ Ní fiú
biorán duine as an dioscán, mara bhfuil ann ach sin. Ach chuala mé go raibh
díthchreideamh ar na h-Éireannaigh uiliog atá i Sasana. Deir cuid de'n
dream a theagas nach mbíonn siad mí ann, an uair nach dtaobhuigheann
siad Aifreann ná Ord. /[Ní bhfuightheá duine as an dioscán anois atá indon
mata a dhéanamh th'éis a liachtaí ceann agus a d'fheicfeá fadó. Go ndéanaidh
Dia grásta ar Mh. Bh! B'ait uaidh a ndéanamh. "Dual beag agus dual mór"
adeireadh sé. Níor luaghar leis an sioc ná duine ar bith a bheith
ag míoladóireacht tímpeall air, an uair a bheadh sé leis (: leis an mata)]/
Is gearr ó nach raibh duine as an dioscán indon siubhal cho fada leis
an ngort, ach tá siad bainte as a gcleachta le cupla bliain — tá sin.
Má fhaghann siad cupla bliain eile de, diabhal mé go mbeidh na cosa
sáthach acluidhe aca arís /

díoghaltas: ainm-fhocal, fireann, iolraidh = díoghaltais

Díoghaltas = sásamh nó cúitiú díbheirgeach a bhaint amach ar shon rud a dhéanfaí ort, tuill é nó ná tuill; éiric nar chall duit a bhaint amach.

[Tá an focal "sásamh" ag díothláithriú an fhocail "díoghaltas" ar fud an cheanntair, ach i leaganachaí áiride .i. "díoghaltas Dé" agus a leithide. Is cosamhail go dtiocfaidh sé ar ais aríst ag aos óg de bharr leabhra, agus caint "na nGaedhilgeoirí"]

Is mall, ach is trom é díoghaltas Dé (sean-fhocal) = muilte Dé, meileann siad mall, ach go mín / Teigheann díoghaltas Dé go dtí an seacht-mhadh líne. Teigheann peacaí an athar ar an mac agus peacaí na máthar ar an inghin (sórt sean-fhocal. Is cosamhail gurb as comhairleachaí creidimh a tháinig sé, nó gur ur-leagan ar chaint an Bhíobla é) / 'Sé díoghaltas Dé an díoghaltas is measa ar bith, mar tá gul (: dul, gabhail?) ó 'chuile dhioghaltas eile, ach níl aon-ghul ag duine ó dhíoghaltas Dé / Chuala tú an scéal faoi'n té a chonnaic an fear dhá mharbhú agus ar tháinig dithchreid-eamh air, faoi nachar fhoillsigh Dia é féin ar an té a mharbhuigh é … Sin é agad é — díoghaltas Dé. [Is fada a bhíos sé ag teacht scaithtí, ach níl rud ar bith cho siúrailte leis. Mara dteagaidh sé ar an saoghal seo 'ar ndú' tiocfaidh sé ar an saoghal eile, agus ó dhonacht maol is measa mullóg / Ar chuala tú ariamh é: díoghaltas Dé, bíonn sé mall ach bíonn sé trom. 'Sé a thuar siad dóib féin ar aon-chor, ní ag tabhairt bhreithe orra é — nar leigidh Dia go mbadh eadh. Ní hé leath-chóir Dé anois an bhail sin a bheith orra, agus an dícheannadh a rinne siad féin ar an tsean-lánamhuin a bhí annsin rúb (: rómpab) / 'Sé dioghaltas Dé é a theacht anuas air agus an chaoi a raibh sé féin le tuilleadh, cho uain agus a bhí an "power" aige. 'Bhfeiceann tú an dílleachta bocht a chaith sé annsin thoir, agus an créatúr a bhuail sé gur chuir sé ó mhaith an tsaoghail é. Tá sé ar a mhéis féin aige anois, ní dhá roint leis é. Is mairg a bheadh go h-olc agus bocht in a dhiaidh, adeir siad. Sin é a fhearacht aige-san anois é, ach go mbadh mhór ab fhiú dhó a bheith bocht, seachas an bhail atá air …]/ Tháinig díoghaltas Dé anuas ar an dream sin ar fad de bharr an chréatúlacht agus an spídeamhlacht a thug siad do dhaoine bochta. Tá na caróga ag déanamh neádracaí in a gcuid simléir indiu, agus gan cloch ar fhuaid a gcúirteanna, ach an féar

ag fás ar a "hálldúre." /[Is daor é díoghaltas Dé — 'sábhálaidh
Dia sinn! — an uair a theagas sé anuas ar dhuine / Tá rún aige díoghaltas a
baint amach nó is cinneamhaint air. Siúd é an diabhlánach céadna nach leigfidh
tada le aonduine. Is mian leis an buille deireadh a bheith aige féin i gcomh-
nuí / Is fada an lá é sin indiaidh díoghaltas a bhaint de'n dearbhráthair faoi'n
a chur amach, agus feacha féin go dtug sé an buille feill dó faoi dheireadh
thiar thall]/ An té a dhéanfas tada air sin, beidh sé ar siubhal go bráth
go mbainidh sé díoghaltas dó (: dhe) uair eicínt. Sin é an sórt duine é.
Choinneochadh sé an faltanas sin istigh, dhá bhfaghadh sé aois na h-úire
agus na Caillighe Béara /

Díoghaltasach: aidiacht as díoghaltas.
Díoghaltasach = tugtharach do dhíoghaltas; fonnmhar nó líomhta chuig díoghaltas;
goineamhail chun sásamh nó éiric a bhaint amach; aicíseach; faltanasach.

Is díoghaltasach an sórt duine é. Níl a leithide eile ann. Má chuirtear as a
bhuille é féin tada, ní chomhnóchaidh sé choidhchin go gcuirfidh sé cuid is mó ná
sin as do'n té a bhí cionntach leis. Maith in aghaidh an uilc! Níl a fhios aige
céard é /[Ná cuir araoid ar bith ar an "aingeal" sin. Tá sé an-díoghal
-tasach. 'Sé'n chaoi a bhfuil sé sin, leanfadh sé thú ar nós na h-easóige,
nó go bhfaghadh sé leigean ort. Annsin leagfadh sé ort / Is suarach an
tslighe do dhuine ar bith a bheith díoghaltasach. Agróchaidh Dia é féin air,
má bhíonn sé go dona. Ar chuala tú ariamh é: má's feall fílltear]/ Bhí
sé féin díoghaltasach. Dar mo choinsias is fada a shiubhailfeá shul a d'fheicfeá a
leath-cheann eile ar dhonacht agus ar aicís. Agus breathnuigh ar an rud ad'eirigh dhó
féin as deire na cúise. Nar ba lughaide an trócaire ar Dhia, fuair sé bás
gan ola gan aithrighe / Nach díoghaltasach an mhaise dhó é, ag iarraidh an
ceann eile a mharbhú. M'anam muise, chreidim marach gur casadh an bulc
ann, go ndéanfadh sé ár. Tuilleadh diabhail ag an gceann a d'fhan dhá bhuachaill-
eacht annsin ar feadh na h-oíche, agus fios aige nach raibh sé ach ag iarraidh
an leigean air /[Sin iad an dream is díoghaltasaighe istigh ins an tír. Bacadh
iad thíos annseo ag an gcladach anuiridh in áit a raibh 'chuile chlaidhe
ag gabhail linn ann curta timcheall a gcuid cocaí feamuinne aca.
Meastú nach ndeachaidh siad de shiubhal oíche, agus ar fhága siad claidhe
i mbarr an bhaile againn nach raibh foghluighthe ar maidin! /

Dóthain: ainm-fhocal, buineann.

dóthain = sáith, díol, riar do cháis, díol do fhreastail, an oiread agus a dhéanfadh thú díreach.

Dóthain agus sáith.

["Dóthain" an gnáth-fhocal thríd Iarthair na Gaillimhe thríd agus thríd, cé's móite de Dhúithche Sheoigeach. Ó Ghaillimh go hUachtar Árd tá siad tuairim leath agus leath, ach is coitianta "sáith" ná "dóthain" i logáin annsin. "Sáith" an gnath-fhocal ar an Achréidh, ach tuigtear é agus baintear leas as ar fud na Gaillimhe ar fad. Cuirtear "díol" i leabaidh "sáith" nó "dóthain" is gach uile áit]

[Féach díol. Gach sompla, mórán dá bhfuil faoi "dhíol" is féidir "dóthain" a chur i leabaidh "díol" ann, cé's móite de "dhíol truaighe", "díol magaidh" agus a leithidí.].

Tá dóthain triúr agad. / Níl leath do dhóthain agad / Tá a sheacht ndóthain aige /[Is fada ó do dhóthain fós thú / Is beag le mo dhóthain atá agam / Níl do dhóthain agad — tada leis]/ Dá n-eirigheadh cluiche eile mar sin linn, chuirfeadh sé go dtí ar ndóthain muid [fc. somplaí "díol"] / Sin é do dhóthain [fc. díol] / [Tá mé gar go leor do mo dhóthain anois / Is beag é mo dhóthain / Dá laghad é a dhóthain ní fhaghann sé]/ Tá dóthain na coise tinne againn [fc. díol] / 'Sí dóthain fear ar bith de bhean í /[Níl a dhóthain achrainn faighte fós aige / Ní bhfuair an t-asal a dhóthain de'n mhadadh fós / Gheobhaidh sé a dhóthain de'n obair fós = tá sé líomhtha ag obair, ach tiocfaidh an t-am a mbeidh sé bréan di, de bharr an iomarca di a dhéanamh. [Gheobhaidh sé a dhóthain oibre = an oiread agus go bhféadfaidh sé a dhóthain airgid a shaothrú]]/ Fuair sé a dhóthain de'n fhairrge / Fuair sé a dhóthain talmhana len a bhean / Fuair a dhóthain de'n talamh — an oiread agus gur eirigh sé as an talmhuidheacht ar fad, agus go ndeachaidh sé ag obair inG. as a dheireadh /[Tá a dhóthain go maith de'n tuigheadóireacht aige anois = tá sé bréan de'n obair sin, de bharr a bhfuil déanta aige di]/ Tá a dhóthain de'n ól aige = é bréan de / Tá a dhóthain óil aige = é óltach / Fuair sé a dhóthain go binn de'n troid / Tá fataí a dhóthain aige /[Tá móin a ndóthain aca = tá a ndóthain móna aca / Gheobhaidh sé airgead a dhóthain thall annsiúd / Beidh cead siubhail a dhóthain annsiúd aice / Gheobhaidh sí a dóthain agus thú a aithneachtáil / Fuair sé a dhóthain agus a bhealach a dhéanamh abhaile / Faghann sé a dhóthain agus a bhróga a dhúnadh, tá sé cho h-otruighthe sin / Beidh a dhóthain le déanamh aige agus é a bhualadh freisin. / Beidh a ndóthain le déanamh aca agus an garrdha a bheith curtha

aca faoi cheann seachtaine]/ Tiubharfaidh sé a dhóthain le déanamh dhó agus srianadh siar /[Thug sé a ndóthain le déanamh do'n chúigear aca é a cheannsú / Bheadh ar ndóthain le déanamh ag an triúr againn a raibh ann a bhualadh, marach gur casadh congnamh chugainn / Bhí dóthain cúigear d'iasc in a mhiainis (: fhiadhnuis) / Tá dóthain dháréag de chaint aice. Níor miste gobán a chur innte / Tá mo dhóthain féin ann agus dóthain an chapaill. Sin é ar chuir mise d' fhataí síos. Má tá fataí ag teastáil ó aonduine eile cuireadh sé síos iad]/ 'Tuige a dtiocfainn ar cuairt annseo.

D'fhan mé in mo dhóthain ins an áit a raibh mé / Cé'n chiall duit a bheith ag iarraidh imeacht? 'Cheal nach bhfanfá in do dhóthain, 'fhad agus atá tú in do dhóthain. Ar ball a chaoinfeas tú é / D'fhanfainnse muise in mo dhóthain marach an dlútas a bhí liom thíos. Ní raibh aon-bhreith agam ar an áit thíos. / Breagh nar fhan sí in a dóthain lá agus gur chas Dia in a dóthain í. Ach ní fhanfadh. [Bhí sí ro-aerach agus an iomarca fonn-amach uirre. Sin é a d'fhága a cosa nighte / D'fhága mise in a dhóthain é, fanadh sé ann nó ná fanadh.

Ach is dóigh ar nós 'chuile shórt eile go mbuailfidh uabhar é agus go ngránóchaidh sé ar an áit a bhfuil sé / Fuair a n-athair sin bás agus d'fhága sé 'chuile dhuine de'n chloinn in a ndóthain. Ach scaip cuid aca é le drabhlás. Cuid eile a rinne bun. 'Sé P. féin is fhearr a chruthuigh. Tá sé sin anois 'chuile orlach cho deiseamhail agus a bhí an t-athair an lá ab fhearr é. Má tá féin is maith an aghaidh air é / Tá do dhóthain mhór agad anois = tá do dhóthain agad agus len a chois.]/ Thug mé a dhóthain mhór airgid dó ag imeacht, má's é a chaitheamh nó a chailleadh a rinne sé. Pé'r bith cé'n bhail a chur sé air, ar aon-chor, ní raibh díol a fhreastail aige an uair a chuaidh an crudh ar an tairnge / Tá do dhóthain mhór coirce síl agad annsin l'aghaidh an gharrdha siúd. Dheamhan a fhios agamsa nach an iomarca atá agad. Ní hé an oiread sin a chuirfeas é dhuit / Bhí a dhóthain mhór glaodhmaireacht' aige ar chaoi ar bith. Is minic a chonnaic mise fear agus gan leath an oiread aige agus ghabhfadh sé abhaile agus a smut briste. Airigheann cuid ar a chéile aca an dream atá ins na bólaí seo ro-mhacánta. Marach sin ba bheag é a gcuid glaodhmaireacht' /[D'ith mé mo dhóthain agus mo mhór-dhóthain. Leis an bhfírinne a dhéanamh tá sé cho maith dhom a rádh gur ith mé an oiread agus a chuir ceas orm / Dubhairt sé a dhóthain agus a mhór-dhóthain. Dubhairt sé an oiread ar chaoi ar bith agus a fhobair a raibh in éindigh leis a chur in adhastar an anró, marach gur casadh caraid ins an gcúirt againn — go leigid Dia a shláinte dhó! / Tá do mhór-dhóthain déanta agad anois.]

deoruidhe — ainm-fhocal, fireann, iolraidh — deoruidhthe ach fc. díoluidhe.
deoruidhe = (i) duine ar bith, aoinneach, mac na sceiche, mac an aoin bheo, gein.
(ii) duine beag crannda feosuidhe; dubhradáinín dona; cranndachán; duine nó
rud gan aon-bhiseach. [Ní mheasaim go bhfuil an chiall "díbirteach" nó "ionnar
-bthach", nó "duine a bheadh thar tír amach" anois le "deoruidhe" ins an gcaint]

Ní raibh deoruidhe ann = duine ar bith, aoinneach / An deoruidhe féin ní fhaca
mé a d'aithin mé ó d'fhága mé amach an baile, go dtáinig mé ar ais
aríst. Shílfeá agus a bhfuil de dhaoine aitheantais i Sasana go gcasfaí duine eicínt
liom, ach dheamhan thiomanta duine /[Ní raibh an deoruidhe féin istigh rómham.
Ná dheamhan Dé ná deatach a bhí ann. D'fhan mé annsin cosamar uaire, nó go
dtáinic T. / An deoruidhe féin as S. Gh. ní raibh ar an tsochraide, aindeoin
go raibh sí dlighte dóib uiliog. Ní fhéadfaidís gan cloisteáil fúithe mara
bhfuil an codladh céadtach orra ar fad / Ní raibh deoruidhe ar cuairt ann.
Ghlac an dream seo siar fuath dhóib ar fad le goirid. Ní thaobhuigheann aon-
dhuine aca chor ar bith anois é. Ach dheamhan agus móide fearr dhóib a thaobhachtáil.
Mheáróchadh lucht cuart teach ar bith a mbíonn a dtathuighe / Bheitheá ag
siubhal ins na criathraigh domhainne sin ó mhaidin go faoithin agus ní fheicfeá
deoruidhe. Chaith mé dhá lá cheana ag fiadhach ar shliabh Fh. agus toirt fiadh ná
fionnóige ní fhaca mé ar feadh an dá lá. Anois an bhfuil biseach agad! /
Ní fheicfeá deoruidhe ar an mbóthar sin de shiubhal oíche. Is
beag an bualadh atá chor ar bith air. Tháinig mé cheana ó Gh. go S. Fh. taca an
naoi a chlog ins an oíche, agus níor casadh an deoruidhe dhom ar an bhfad sin. Is
caillte an bóthar é / Ní bhfuighinn "fag" ó dheoruidhe istigh ar an mbaile. Nach
bhfuil sin sáthach dona anois! / Níor scoth mé deoruidhe ó d'fhága mé seo gur
sheas mé thíos ar an margadh. Ba í an mhaidin ba bhánuighthe a bhfaca mé an
bóthar ariamh í / Ní fhanfadh deoruidhe de'n chlann in a bhuil — ach greadadh
leo. Chreidim marach go raibh sé in a dhroch-cheann dóib go bhfanfadh / 'Bhfaca
tú deoruidhe ar bith ariamh is gráinne teanga ná é. Ní fhaca mise ar aon-nós /
Níl deoruidhe an bhéil bheo de'n chine sin ins an tír anois = Críostuidhe an
bhéil beo; mac na scine / Ba mhaith teann iad tamall annsin thoir. Ní raibh
sé ann an té a déarfadh hata bán leo, ná a leigfeadh an faitíos dó a rádh. Agus
feacha in a dheidh sin go bhfuil na préacháin ag dul thrín a gcuid fuinneog
agus nach bhfuil deoruidhe an bhéil bheo aca ins an gcomhaireamh ceann
indiu / Níl deoruidhe an bhéil bheo ag cur aon-éiliú ort marach a bhfuil

de sheafóid ort féin. / Níl deoruidhe an bhéil bheo agam anois dhár thóig mé ariamh ach mé fágtha lag lúbach annseo, agus gan an teas ag breith ar an bhfuacht agam]/ Ní raibh a fhios ag deoruidhe an bhéil bheo go raibh an braon sin agam, mar níor chaintigh mé amach as mo bhéal air. Agus nach maith in a dheidh sin go raibh na póilíos indon breith thall orm. Níl tada ag dul uatha. Tá siad suas le 'chuile nídh / [Ná bíodh a fhios ag deoruidhe an bhéil bheo anois cá'il tú ag gabhail. Má bhíonn a fhios, déanfaidhear scéala ort agus gabhfaidh sé daor ort. Fainic a gcainteochthá air le B. Sh. Sin fear gan fascadh. / Chuaidh faitíos ormsa an oíche sin. Nar leigidh Dia go ndéanfainn bréag faoi, ach chonnaic mé an rud … Céard a bhéarfadh duine in éinfeacht liom. Ní raibh ná deoruidhe an bhéil bheo / Creid mé anois nó na creid, bhuailfinn síos anois agus shuidhfinn thíos ar Bh. na T. ó oíche go maidin agus gan deoruidhe an bhéil bheo níos goire dhom ná seo, agus ní bheadh aon-scáth orm. Ní bheadh — a dhuth ná a dhath. Cé mar gheall air. Nach bhfuil Dia thíos annsin cho maith agus atá sé annseo. Nó an síleann tusa nach bhfuil. / Níl deoruidhe an bhéil bheo aige anois a dhéanfas luach na leithphighne dhó, mara ndéanaidh sé féin é. Dar príosta féachfaidh sé fear aonraic freisin freastal do 'chuile mhíle nídh.]/ Níl duine ná deoruidhe ann = duine ar bith. ['Sé "deoruidhe" focal chuingreach "duine"] / Níl duine ná deoruidhe ar an mbaile indiu. Is baile bánuighthe é. Tá siad ar fad greadtha soir ag an tabhairt-amach seo atá i mB. Dheamhan duine a d'fhanfadh annseo aon-Domhnach dá mbeadh a gcailleadh go deo leis. Is fada leo go dteagaidh an Domhnach go dteighidh sé ag bóthaireoireacht /[Má theigheann duine ná deoruidhe isteach annsin anois nó go gcruadhuighidh sé sin, déanfaidh siad ciseach dhe aríst th'éis mo chuid anró. Mar sin tá mé ag cur aithne oraibh gan aon-duine a leigean in a ghoire, nó má sheasann aon-duine air fanfaidh lorg na gcos ann / Níl duine ná deoruidhe a bhaineas léithe, len a cuid airgid a fhágáil aige. Agus tá sé aice sin — saidhbhreas na saidhbh-reas. Níl righeachan saoghail len a cuid saidhbhris. Siúd é aríst é mar adeir an fear ar ball: airgead caillighe dhá mhún le ballaí. Is deacair an sean-fhocal a shárú adeir siad / Má's maith leat sin a chloisteáil níor fhága an marbh láthair. Dheamhan duine ná deoruidhe a bhí ann an uair a shéaluigh sé ach mé féin. Agus seo é an chaoi a raibh sé …]/

Níl ann ach deoruidhe beag bídeach / Ab é an deoruidhe sin a bheadh ag dul ag pósadh! Ara céard sin ort. Nach bhfuil sé ag fáil bháis le truailleach-

as. 'Leabharsa má fhaghann sé siúd bean, gheobhaidh 'chuile dhuine í /
[T'anam ó'n Diabhal má theigheann an deoruidhe siúd ar an mbóthar, caill-
fear é. 'Ar ndú' ní obair bóthair atá sé siúd in araidheacht a dhéanta.
Ní bheadh sé indon tada a dhéanamh ach madraí a thabhairt amach ag spaist-
eoireacht / Is mór an peacadh an deoruidhe beag sin de ghasúr atá ann
a fheiceál thíos in éadan feamainne, agus an guróir bocht seacáilte. Cidh
Dia gur mór an náire di a leigean amach leithide an lae indiu — lá a
phréachfadh na gabhair / Tá deoruidhe de laogh annsin thoir agam agus ní
thiocfadh aon-bhiseach faoi dá dtugainn beoir Lochlainn dó. Cé'n bhrigh
ach bhí 'chuile dhuine ag rádh liom go mbadh an-údar thairbh é an
tarbh sin ag T. Ph. Seadh muis. Níor tháinic aon-laogh uaidh fós ach laogh
gan aon-bhiseach.]/ Tá deoruidhe beag de mhadadh ann. Cinnín gliobach agus
claimhreach féasoige ar a bhéal, agus ní fhaca tusa in do shiubhal lae ball
is francuighthe ná é. Shíl sé an chois a scealpadh agam an oíche faoi dheire
-adh, nó go dtug mé an bhróig isteach ar an drad dó. Is beag an ghrásta
a bhí aice féin orm gur buaileadh é. / Níor tháinig aon-bhiseach ariamh air,
ach in a dheoruidhe dhona mar sin. Cé'n bhrigh ach dá mbeadh aon-dreach air. Ach mo
léan níl, ach in a bhás ar sliobarna mar a fheiceas tú. Dheamhan bás
a gheobhfadh sé in a dheidh sin, ach ag imeacht thart ag déanamh
bioráin agus ins an mbealach ar 'chuile dhuine /

deoladh: ainm-fhocal, fireann, iolraidh = deolaidheachaí.
Deoladh: (i) lón beag, roisín, béilí beag bídh, an biadh a gheobhadh othar, gan mórán foghlach a dhéanamh ar an mbiadh. (ii) snáth faoi'n bhfiacail; congnamh maireacht-ála; cuidiú. (iii) braoisín gaoithe, gaoth lag, smeámh, nó dionnóid ghaoithe. [Níl ciall Fhoclóir an Duinnínigh annseo leis — "saine bídh"]

[Fuaim — D tosaigh go h-iondamhail ach cuirtear g ann scaithtí go h-áirid ins an gcéill "gaoth". D a bhíos i gCois Fhairrge go h-iondamhail is gach uile leagan de'n fhocal, ach bíonn g ag daoine i gConamara agus go h-áirid faoi Dhúithche Sheoigeach].

Fuair mé deoladh len ithe ann agus thug sin abhaile mé = roisín / Má fhaghann muid corr-dheoladh mar sin beidh muid indon an oíche a bharruidheacht /[Is beag an deoladh é mo dhíol, ach ní fhaghaim sin féin / Maidir le na deolaidheachaí beaga sin a itheas duine agus é ag obair ar bhóithrí, ní sugh salmhain i mbéal buláin iad. Is gearr le dhul ar fhear oibre iad ar chaoi ar bith]/ Bíodh ciall agad agus caith rud eicínt. Is maith buan an píosa bóthair atá rómhat go mbí tú ins an mbaile. Níl annseo ach deoladh beag. Ní taobh leis an teirgéis seo a chuirfinn thú marach gur shíl mé go bhfanóchthá go maidin / [Tabhair deoladh beag len ithe do'n ghasúr sin agus scaoil in a bhealach é. Cé'n mhaith a bheith ag coinneál moille air, má tá siad ag súil leis ins an mbaile]/ Is beag é mo dhíol — deoladh beag dhá cheann de ló. Ní iarrfainn aon-ghreim choidhchin i lár an lae. Nach bhfuil a fhios agad féin annsin gur deacair dhomsa aon-rath a bheith orm, agus gan mé ag caitheamh aon-cheo ach mar sin. /[Ní itheann sé ach deoladh ins an "turn", ach d'íosfadh sé é sin 'chuile uair dá mbaineadh clog ná "watch". 'Sé an droch-pheata é, mara mbeidh a chuid in a mhíainis (: fiadhnuis) i gcomhnuí ar a theacht isteach dó. / Caith síos rud eicínt dó sin. Nach bhfuil a fhios agad go maith gur fadó ariamh indiu ó d'ith sé aon-ghreim, agus an uair sin féin céard a bhí ann ach deoladh / Níl tada le tógáil ar ghasúir faoin a ngoile. D'íosfaidís deoladh 'chuile ré soluis. Sin é faisean aos óg. Ach shilfeá fir mhóra go n-íosfaidís a ndóthain — nó an oiread agus go dtiocfaidís leis — go dtí am béilí aríst. Dar príosta is mó an ghoin atá ar na buachaillí óga seo aghamsa anois, bail ó Dhia orra, ná an uair a bhí siad in a ngasúir / 'Bhfuil sé ag caitheamh aon-deoladh … Dar fiadh muise is olc an chosamhlacht é sin d'fhear a bhí cho mór-thráthach leis, bail ó Dhia

air. Facthas dhom an uair deireadh a raibh mé ag breathnú air, go raibh sé an-tsnuighte. Ní raibh ann ach go raibh sé indiaidh a chéile. / Cho uain agus a bhéas sé ag caitheamh corr-dheoladh, dheamhan stró air. Ach an té a ndúinfidh a ghoile ná bac leis / D'orduigh an dochtúr gan a thabhairt dó ach deoladh trí huaire ins an ló, agus dá mbeadh sé ag strócadh ag iarraidh tuilleadh, gan aon-áird a thabhairt air. / Siúd é an áit dheireadh a mhic ó — an t-aspuicil. Ní bhfuighidh an fear is folláine ar bith ann ach an deoladh céadna a gheobhas an té a bheadh ag saothrú báis / "Bíodh an catmara ag an dochtúr" adeir sé. "Is fhearr a fhios agamsa céard a bhaineas dom féin, ná ag dochtúr ar bith. Ar son Dé torm (: tabhair dhom) deoladh — dá mbadh é lún (: lón) mo bháis é." / Deir siad gurb é an rud a thug eitinn di sin in áit nach gcaithfeadh sí ach deolaidheachaí beaga le í féin a snuigheachan: mar dhóigh dhe go raibh sí ro-bheathuighthe. Is iomdha díthcéille atá ins an saoghal anois nach raibh caint ar bith air fadó]/ Bhí an ghearradh-ghíonnach in mo phutóig, agus mar sin féin an uair a leagadh agam é, níor ith mé ach deoladh. Ní fhéad-fainn. Ní raibh aon-tothlú agam leis. Is cosamhail go raibh mo ghoile dúinte /

Dhá mbeadh an inghean siúd aige amuigh in a máistreás, choinneochadh sí corr-dheoladh leis. Níl slí ó neamh aige thairti = choinneochadh sí snáth faoi'n bhfiacail leis; thiubharfadh sí cuideachan beag dó ó am go h-am a choinneochadh beo é /[Is dóch' go bhfuil an mac siúd atá in a shagart aca ag coinneál deoladh leo anois agus arís, má tá aon-cheo de bhrabach air féin. Ní mór dóib rud eicínt anois ó dhuine eicínt ar a son féin. Diabhal mé nach bhfuil tada le cois na trócaire aca / Coinnigheann an dream atá i Meiriocá corr-dheoladh léithe ach má choinnigheann féin, tá sí ag fáil fuighleach le déanamh ó'n saoghal. M'anam daoine a bhfuil talamh agus deis féin aca anois, gur sáthach righte a theigheas sé leo, ní áirighim ise nach bhfuil nidh dhár dhealbh an ghrian aice, ach an "trifle" beag sin a fhaghas na daill]/ Tá an dream atá i Sasana ag coinneál deoladh linn, ach shílfeá go mbadh cheart dóib cruthú níos fhearr an uair a d'fheicfeá daoine eile. Tá mac annsin thiar ag T. Ph. agus níl sé ann ach cheithre mhí … / Dá mbeadh rud ar bith againn a choinneochadh deoladh le na muca go dteagadh na fataí isteach, níor chás duinn é / Is fadó an lá a bhí sí básuighthe marach ar choinnigh J. de dheoladh as an siopa léithe. Agus bheadh sí ag caitheamh agus ag cáineadh air in a dheidh sin. Níor chumaoin di muis / Sin é an deoladh fánach atá sé sin a choinneál linne. Is gearr ar a scóig féin é má tá sé aige, ach is

mór m'aimhreas nach bhfuil. Chuala mé gur tugadh anuas ins an bpáighe go mór le goirid é /[Marach an deoladh a choinnigheas an sagart leis, is fadó an lá a bhí sé de dhruim tighe. Th'éis nach n-ólann sé, tá sé drabhlásach. Chuirfeadh an bhean atá aige freisin airgid na h-airí thrín a lámha]/

Tá deoladh gaoithe ann anois. Bhí sé an-mharbhthánta críochnuighthe ó mhaidin / Tá fionnórtas beag anois ann ó d'eirigh an deoladh gaoithe sin. Déarfainn gurb é an lá is meirbhe a tháinig i mbliana é, ná b'fhéidir anuiridh /[Oscluighidh na fuinneoga sin agus leigidh deoladh gaoithe oraibh féin. Nach bhfuil sib plúchtha mar atá sib. Is mór an mí-fhollántas an tráth seo 'bhliain 'chuile fhuinneog agus 'chuile dhorus a bheith dúinte]/ B'fhoghainteach a tháinic an deoladh sin féin th'éis an lagair. D'fhéad muid beagán siuil a chur uirre isteach. Bhí muid amuigh leath cuain agus é in a chalm críochnuighthe orainn. Dheamhan flaim as aer a bhí ins an seol / Níl mórán gaoithe ann, ach an geoladh beag sin féin is fhearr dhuit leat ná in t'aghaidh é. Deirimse leat gur fánach an geoladh a bhéas in t'aghaidh ar "bhicycle" agus go n-aireochaidh tú é /[Tá geoladh deas aniar-ndeas anois ann. Tá sé in a chlaochmú. Ní móide go bhfeicfeá aon-deoir anocht, ach feicfidh tú í shul a gcaithtear an lá ambáireach. Ba bhreagh é an sioc. Aimsir theann fholláin í aimsir an tseaca. Tá an tír tolgtha ag an mbáistigh ó a tháinic an bhliain]/ Má árduigheann geoladh beag ar bith caithfidh mé an gráinnín coirce. Níl gna ar bith aige annsin níos fuide ins an mbealach ar na daoine. Go deimhin ní fiú an tairbhe an tríoblóid. Níl ann ach síoghbhuisín beag /[Th'éis an ghrian atá ann, ní bheidh aon-tiormach ar an nglaicín fhéir sin. Bhí sé ro-fhliuch agus níl deoladh gaoithe ar bith ann le dhul thríd. Sin é an chuid is measa dhó]/ Tá deoladh breagh ag an móin indiu. Tiubharfaidh sé seo faoi na creatlaigh di é. Ach dá mbeadh sí in a guigíní francacha nó an gróigeadh fada a bheith uirre, b'amhlaidh ab fhearr a ghabh -fadh sé thríthe. Tá sí ro-chruinnighthe mar atá sí /[Má airigheann tú ag teacht in t'aghaidh é gabh amach go bhfaghaidh tú deoladh gaoithe. 'Sé do mhaith é / Chaith mé trí h-uaire istigh ann aréir agus is beag bídeach nar plúchadh mé le deatach, agus len a raibh istigh ann. B'éigin dom a theacht amach uair nó dhó go bhfaghainn deoladh gaoithe. Ní raibh a sheasamh agam]/ Dún na doirse sin. Tá deoladh gaoithe ag teacht as áit eicínt faoi'n gcaol-druim agam / Is mór is fiú an deoladh sin féin eirghe, thar agus an téigle a bhí ann. 'Thiocfadh di go mbeadh sí teann soir againn. /

diallaid: Ainm-fhocal; buineann; geineamhnach = diallaide / iolraidh = diallaideacha
diallaid = cineál ughaime nó srathrach a bhíos ar chapall, le go mbeidh fearr
agus barr socamhla agus daingneacht insan marcach.
diallaid árd = na diallaideacha a mbíodh na mná ionnta roimhe seo. Ní
bhíodh innte ach leathtaobh. Bhíodh speiricín aníos idir a dhá gcois a choinnigh
-eadh suas iad agus iad in a suidhe síos uirre. Ní bhídís ach ag daoine móra
agus ag mná na gceithearnach. Is cosamhail gurbh ionann iad agus an chuid
a bhíos ag mná fiadhaigh i gcomhnuí.

"Chuir mé scéala siar aice go gceannóchainn diallaid árd
'Sé'n scéala a chuir sí aniar agam gur súgán suic ab fhearr" ["lúibín"
a bhíos in "Peigin Leitir Móir".] / Bhíodh B. Ch. a bhí annseo thíos ag eirghe
indiallaid áird. Is beag bean tuaithe a mbeadh diallaid árd aice, ach bhí sí
aice siúd agus cóiste agán a h-athair /['Séard a dhéanfas mé an uair a bhéas
tú cupla bliain eile le congnamh Dé, diallaid árd a cheannacht duit le
cur ar an asal. Féadfaidh tú a dhul amach ar an bhfiadach annsin ar nós
na "ladies" ar fad / Diallaid árd nar mhór dó ar nós mar a bhíodh ag na mhná
fadó. Níl sé indon a dhul i scaradh gabhail chor ar bith ar an gcapall. Tá saimhín
oidhreach air. / Ní dhéanfaidh mé dearmad ar an am a mbíodh sé ag imeacht leis
an m. beag. Chlis an "jaunt" agus b'éigin dó imeacht le capall diallaide.
Ins an samhradh a bhí ann agus thóig an diallaid ar fad é, agus b'éigin dó imeacht
annsin druimnochttha uirre. Tháinig sé aníos an boithrín trathnóna amháin
agus é cróilighthe uiliog. "Fagh diallaid árd" adeir M. B. leis "agus ní ghoillfidh
sé cho mór ort. Sin nó gheobhaidh mé snáth leoin duit ó Mh. Mh. Ph." D'imigh sé
mar a bhuailfeá ar an gcluais é agus níor labhair sé linn aríst go ceann
leath-bhliana]/ D'fhéadfadh duine eirghe indiallaid leis an sugán suic (fc.
súgán) / Bhí sé indiallaid = bhí sé ins an diallaid. / Chuaidh sé indiallaid. /
Bhuail sé indiallaid ar an gcapall / B'fhearr liom ag imeacht indiallaid ná
capall druimnochttha. /[Chuir sé 'chuile mhíle fear de na póilíos as an
diallaid le clocha]/ Ghlac an capall scéin eicínt agus cuireadh an
marcach as diallaid / Is furasta aineoluidhe a chur as diallaid / Chonnaic
mé an capall ag teacht amach an geata faoi dhiallaid agus srian = agus diallaid
uirre / Ins an saoghal a tháinic sé go bhfuil na diallaideachaí ag imeacht
aríst. Tuilleadh diabhail aca anois, th'éis a raibh de thóir aca ar bhusannaí /
Sin í an tsrathar in áit na diallaide = sop in áit na scuaibe. /

Deacair = ainm-fhocal, buineann [níor chuala mé aon-chlaochlódh tuisil air].
deacair = [d ' akər '] = brón, duibhthean, dólás, anró, easonóir, crácamas,
géar-chall, cruadhtan, cumha [Tá an focal ag seirgeadh is an gcaint. Níl
sé le cloisteáil ach ag sean-daoine anois]

Mo dheacair nachar fhan mé 'san mbaile agus gan an áit seo a thaobhachtáil
beag ná mór! = mo bhrón; mo lom doláis! / Mo dheacair gur tháinig
mhé chor ar bith! / Mo sheacht ndeacair gur chuir muid ann ariamh í. 'San
mbaile a bhí againn a coinneál / Mo dheacair ort! = mo chuid bróin agus rl
ort / Mo sheacht ndeacair ort nach leigeann dó! / Mo sheacht ndeacair
air le cleas a dhéanamh! / Deacair ort agus éist liom / Deacair oraibh
nach n-eirigheann as! /[Deacair air, le rud a dhéanamh! / Deacair
mo bhliana air, mara leitheadach é! / (Mo sheacht ndeacair agus mo
lom doláis nachar imigh mé nuair a bhí agam imeacht agus gan a bheith
ag leádrán annseo) / (Mo dheacair agus mo lom dóláis, nachar bhain mé
mo ghaisneas as thar agus é a bheith diomalluighthe anois, agus
gan maith ar bith!) / Mo bhrún (bhrón) agus mo dheacair, adeir sí, gur
tháinic mé isteach ar shlata an bhaile mhóir ariamh / Mo bhrún agus mo
dheacair nachar fhan mé uaidh cho uain agus a bhí mé slán! / Mo bhrún agus mo
sheacht ndeacair gur chuir sé a chois ná a chnáimh isteach ariamh
ann: Marach gur chuir, bheadh mo mhaicín múirneach beo beithidheach
indiu / Mo bhrún agus mo dheacair nach ndeachaidh mé ann gan méir
a bhaint de mo shróin. Dhá dteighinn bhéarfainn beó air / Mo
scalladh dúbhach agus mo dheacair go raibh aon-láimh ariamh aige ann! /
Mo bhrún agus mo dheacair go raibh teach ná árus as mo chionn
ariamh! B'fhearr dhom ag iarraidh mo chodach ná mar tá mé
anois!]/ Léan agus deacair agad air! Caith uait é, agus ná bodhruigh-
eadh sé na daoine / Léan agus deacair air, le deis a chur air fhéin! /
Mo chumha agus mo dheacair gur fhága mé an baile an chéad lá
ariamh. Marach gur fhágas, ní tolgtha a bheinn anois! / Mo chumha
agus mo dheacair gur leig mé cho fada ó bhaile ariamh í, agus a
liachtaighe duine aitheantais nach raibh smiaróid (: sméaróid)
na ngrást aca in a dhiaidh / (Mo chumha agus mo dheacair nach dtigeann
sí ar cuairt chugam, leis an dobrón agus leis an gcaonach liath a
bhaint de mo chroidhe) / Cuirim léan agus deacair air. 'Sé a tharraing

mo Sheán Bán i mbealach a bhasctha an chéad lá ariamh / (Cuirim léan agus deacair orra, ó liath go leanbh, amuigh agus 'san mbaile.) Ba gheal an croidhe a bheadh agamsa anocht meireach an bhrothtuinn bhradach sin /[(Cuirim léan agus deacair ar J. F., ar a chuid agus ar a mhaoin. Is iomdha bliain a bhfuil croidhe dubh agamsa ingeall air fhéin agus ar a chuid míonúis (: míonóis?)) / Cuirim léan agus deacair orra agus scéal fada ar an anró aca, agus ná raibh aon-duine aca ar an gcomhaireann ceann bliain ó indiu gan dochar gan díobháil duinne! / (Cuirim léan fada agus deacair air,) mar sin é féin a d'fhága an croidhe dubh agamsa, an lá ar bháith sé m'fhear / Cuirim léan agus deacair air, agus nar fhagha sé bás choidhchin nó go bhfeicidh sé a theallach fhéin cho falamh agus atá mo theallach-sa / (Cuirim léan agus deacair uirre, seasamh fada ar chosa laga aice, agus marbhú an Chróín uirre mara bhfuil sí sáthach!)]/ Cuirim fán fada agus deacair air, agus ná raibh a theach choidhchin gan scread-mhaidne! / Cuirim brón agus deacair air, milleadh agus martrú air, mar is dual do'n eascainí fearadh / Cuirim brón agus deacair uirre agus ná raibh scread leinbh choidhchin in a teach, mar 'sí a d'fhága an éalann ar mo chroidhe -se /[Cuirim brón agus deacair orra, agus nár ba fada a bhéas siad ann!]/ (Cuirim deacair le na shaoghal air, an murdaróir a thug bás dom' athair!) / "Brón agus deacair ar an gcumann ghearr: 'sí a bhain díomsa mo mhíle grádh" [Líne as "Domhnall Óg"].

Deacrach (: d ʼ akrəx: d ʼ ækrəx): aidiacht as deacair réamhráidhte = brónach, dólásach, cráidhte, scrúdach, buaidheartha, léanmhar (: seo í an tsean-chiall, ach tá sí ag seirgeadh, cé's moite go bhfuil sí tréan fós i leaganachaí bróin agus a leithidí).

Is deacrach an chaoi é dhá mbeadh neart air = is brónach / An léan a bhain dó: an léan deacrach / Is deacrach an scéal é, ach sin é an chaoi a mbíonn sé / Ara chuala tú an scéal deacrach: gur báthadh P. Ó D.? / Ara muise níor chuala tú an scéal deacrach seo: go ndearna "an lad ruadh" (: an sionnach) sléacht annseo indiu! Cearc an áil a mh'anam. "Sciob sé an ceann gan aireachtáil de mháthair an dáréag bhoicht" mar adeireadh N. /[(Is deacrach an scéal é, gan cearc ná eireoig ag gabhail liom nach bhfuil árd-uighthe leis ag an rálach de shionnach sin,) agus gan a dhath sásamh le fáil agam / Ba shin é an lá deacrach dó, an lá a ndeachaidh sé anonn go Sasana. Ach cé'n neart a bhíos air? Níl a fhios ag duine cá'il fód a bhás / Ba é an lá deacrach dóib an lá ar chuir siad cloch 'san teach

nuadh sin ariamh. Tá smál nó léan eicínt orra ó shoin. / Ba é an lá deacrach di, ní dhá roint léithe é, an lá a ndeacha brat pósta uirre i dtosach. Is beag de shógh an tsaoghail adeirigh léithe ó shoin / Ba é an pósadh deacrach dó é, go bhfóiridh Dia orainn. Chuir sé triúr páistí agus a bhean i mbéal a chéile]/ Ní bheadh aon-mhaith aige ann go bhfaghadh sé mótar ag comórtas le na buic mhóra. Ba é an mótar deacrach dhó é. Dhóigh sé agus loisc sé é féin istigh ann shul a bhfaca sé bliain dhá shaoghal / Bhí sé beo-phianta nó go ndéanfadh sé an imirce. Ag cur maith air fhéin mar dhóigh dhe. Ba í an imirce dheacrach dhó í. Ní raibh lá de'n ádh air ó dhealuigh sé amach as B. an Gh. / Sin é féin an cogadh deachrach. Is iomdha máthair bhocht atá ag éagcaoineadh dhá bhárr / Níor chomhnuigh sé, go ndéanaidh Dia grásta air, go ndeachaidh sé siar go tóin Chonamara gur thug sé aniar an churach sin as. Ba shin í fhéin an churach dheacrach dó. Ba é an tríomhadh h-uair é aige innte, nuair a chuir sé ar an gcarraig bháidhte í, agus bhí a chnaipe déanta! /[(Thuitfeadh déidin aige an oíche sin, mara dteigheadh sé ag an damhsa. Ba hé sin fhéin an damhsa deacrach do'n chréatúr.) Bhris sé a chois i bhfad uainn an anachain ag teacht abhaile. Níor eirigh sé de chúl a chinn ó shoin, ach sínte istigh annsiúd]/

"Och! Och! arsa an chearc agus í ag gábhail ar an bhfarra
Nach brónach agus nach deacrach é ábhar mo scéil
Céile mo leabthan agus athair mo chloinne
A dhul is an áit nach bhfillfidh go h-éag." [as amhrán greanmhar "Coileach agus Cearc"] / Faraor ghéar dheacrach nach 'san mbaile a d'fhan mé! / (Mo léan deacrach thú! Ní dhéanfaidh sé siúd é = nach simplí an mhaise dhuit é a cheapadh go ndéanfaidh sé siúd é) / Mo léan deacrach muise, is fada a bheadh sé ann shul a ghabhfainnse ag breathnú air. Níor chumaoin sin dom /[Faraor ghéar dheacrach go raibh aon-láimh ariamh agam ann! / Mo léan deacrach é! Fuair sé amach an té a thiubharfadh lá oibre in aisce dhó muis! / Mo bhrón deacrach muise, gur chuir mé aon-fhata ariamh aca / Faraor ghéar dheacrach nachar rómhair mé amach uiliog iad, nuair a scál an sioc iad, thar agus a bheith ag baint scriocháin anois / Mo léan deacrach! Is fada uainn amach a d'fhanfadh sí sin, marach go bhfuil brabach aice orainn]/ Céad faraor cruadh deacrach nach as cionn cláir atá sí agam indiu thar agus an bhail sin a bheith uirre. B'fhearr liom míle uair é! / Faraor ghéar dheacrach nach mbriseann sé a smut leis.

Ní beó é gan a bheith ag iarraidh a dhul amach / Mo léan deacrach í! Is beag an luadh a bheadh aca sin a taobhachtáil, marach go bhfuil rud dhá bárr aca! Thaobhóchadh muis! /[Faraor ghéar dheacrach gur thug mé áird ar bith air. Ach níl a fhios ag duine céard é a leas. / Mo chreach mhaidne agus mo léan deacrach! Gheobhaidh tú rud uaidh sin go deimhin! / Faraor ghéar dheacrach nachar fhága muid é mar bhí sé, agus gan a dhul ag fáil a anró, ar scáth a thairbhe / Déanfaidh sé siúd obair! Mo léan deacrach muis, an obair sin! / Faraor ghéar dheacrach má bhain mé aon-fhód ariamh di. Feacha an aimsir sin! Nach gcuirfeadh sí carghas ar aonduine beó! 'Chuile lá ag baint fhearasbarr dá chéile]/

Deacair: deocair (: dʼakərʼ: dʼækərʼ: dʼekərʼ: tá an dá leagan cho tréan le céile air) = aidiacht; breis agus sar-chéim: deacra; deocra.
Deacair; deocair: doiligh; cruadh; do-dhéanta; anróiteach; easonór -ach; tuaifisceach; danra, dian, drugallach, docht, roighin, calctha.
[Fc. doiligh. An chuid is mó do na leagain a fhreagruigheas do "dheacair", freagruigheann siad do "dhoiligh" freisin.]

Is deacair (deocair, doiligh) a dhéanamh / Is deacair a bhaint as greim / Is deacair hata bán a rádh leis (fc. hata) / Is deacair fuiliú ar cheann carrach fc. carrach, fuiliú) / Is deacair araoid a chur air anois / Is deacair "thug tú éitheach" a rádh leis = fear borb taghdach / Is deacair a chur in a thost nuair a thosuigheas sé / Is deacair a chomhairleachan a thabhairt dó = is deacair a chomhairliú / Is deacair féar a bhaint ar an aimsir seo /[Is deacair gan é a bhualadh / Is deacair gan é a thógáil air mar sin féin / Is deacair gan a bheith anuas air; agus cho failligheach agus atá sé / Is deacair a bearradh anois (fc. bearradh) / Is deacair a fháil leat ceart ar sheól na braiche / Is deacair a bhladar má dhíol sé na muca faoi na luach / Níor thug sé aon-fhata do'n cliamhain! Is deacair dhó, agus gan iad aige féin / (Níor íoc sí an fear fánaighe a bhí aice! Is deacair di, agus gan é aice) / Ní thiubharfadh siad aon-phighinn dó! Is deacair dhóib, agus gan an oiread aca agus a dhéanfadh torann ar leic]/ Is deacair do Ph. faice a dhéanamh agus an deis atá ar a láimh / Is deacair do'n duine bocht teach ná árus a bheith aige agus a bhfuil ag glaodhach air / Is deacair do na daoine bochta cúis ar bith a dhéanamh

agus an saoghal atá ann / Is deacair do mhuintir an bhaile seo móin ar bith a bheith aca, agus an t-aistear portaigh atá orra / Is deacair do'n cheann céadna a bheith ar chaoi ar bith eile, ach ar an gcaoi a bhfuil sé. Tá sé ro-shleamhchúiseach / Tá sé deacair a dhéanamh / (Tá sé dubh-dheacair) (sár-dheacair, an-deacair, fíor-dh., rí-dh., meath-dh., roint deacair, buille d., réasúnta d. sáthach d., bun-d., deacair go leór, an-deacair de'n tsaoghal, an-deacair go deó agus rl.) /[Tá sé cho deocair le na bhfaca tú ariamh / Dá dheacracht é muis, sháruigh mo chuid-se é / Is deacra é a rómhar ná an bóthar sin annsin / Tá sé deacair fataí a bhaint agus cho moirteamhail agus atá an chreafóig / Sin é an rud atá dhá dhéanamh deacair / Tá sé ag dul deacair go leór leis a bheart a tharraint ar an aimsir seo / Tá sé ag dul deacair liom tada a dhéanamh ag láimh atá agam. Tá sí 'un óthrais ar fad! / Bhí sé deacair go leór air móin a bhaint anuiridh, agus cho h-aonraic agus a bhí sé / Chaithfeadh sé go raibh sé deacair air é sin a dhéanamh / Tá sé deacair orm a dhul ann i lár mo chruadhóige / Is deacair rud mar sin a dhéanamh. Is cuma céard adéarfas tusa, feicimse gur deacair a dhul in aghaidh sagairt in a dheidh sin / Tá sé deacair ag fear aonraic freastal do 'chuile rud / Is deacair leis corruighe amach = bíonn sé drugallach; ní maith leis / Is deacair leis an gceann céadna tada a dhéanamh = bíonn drugall air tada a dhéanamh / Is deacair léithe scaradh le cianóig ar bith]/ Ní fhaca tú aonduine ariamh ar deacra (deocra) leis eirghe ná é ar maidin / Is deacair le na Séamais sin buille ar bith a dhéanamh mara gcuirtear 'un caitheachtála dhóibh ceart é / Nach deacair leis a bhéal a dhúnadh / Is deacair an béal a bhaint do'n chapall sin / Is deacair do dhuine a bheith scanruighthe ag obair i gcomhnaí. Ní mór do na daoine scíth corr-uair / Sin talamh deacair = talamh roighin, do-churtha. Bheadh sé greamuighthe nó taitthe in a chéile ag clocha ag fréamhrachaí láidire, fearacht bruim-fhéir agus rl., agus ba doiligh fód a chasadh air ná an láighe a chur thríd beag ná mór / Céard a bhéarfadh an áit sin deacair? 'Ar ndú' níl cloch-bhuailte an iarainn ann! /[Is deocra do chuid-se ná mo chuid-se. Áit ar bith a bhfuil an bruimfhéar bradach sin, bíonn sé deacair i gcomhnaí / (Garrdha dubh-dheacair é siúd. Tá bonn cloch ar fad faoi) / (Tá mé ag iarraidh a bheith ag mianadóireacht annsin thoir, agus má tá

féin, tá mé ag saothrú an tsaoghail. Tá an garrdha sin thar a bheith deacair a mhic ó) / Níl fód ag gabhail liom ach talamh deacair. Tá sé fuaighte in a chéile, tá sé cho deacair sin / Tá sé cho deacair leis an Diabhal: fearbán agus bruimfhéar agus bunannaí créachtachaí agus clocha / Ní portach deacair é an portach dearg-laoch siúd againn. Diabhal mé go bhfuil mé ag baint ceart maith dhó /[(Tá an barr siúd cho deacair cho roighin sin agus go bhfuil sé ag cinnt orm fód ar bith a mhunláil ann. Tá mé in mo phuca aige) / I dteannta sioscadh istigh le bruach, caithfidh mé 'chuile mhíle fód dhá mbainfidh mé a shioscadh, a ghearradh amach leis an láighe i dtosach. D'imigh an deabhac air, thar a bhfaca mise ariamh. Agus tá giodáin dó éascaidh go leor. Na dabaí feoil chapaill sin atá ann, atá dhá dhéanamh / M'anam go raibh portaigh éascaidhe againn anuiridh, ach nach shin é do phortaigh na bliana seo é. Tá siad deac-air / Bíodh a fhios agad go bhfuil an bínnse a bhfuil mise air anois cho deacair sin, agus go gcaithim mo chois a chur ar an mbróigín scaithtí. Déarfá go bhfuil sin sáthach suarach]/ Tá an coiléar siúd an-deacair. Gruadháin mhóra atá uiliog ann … A ní raibh goir ar bith ag an gcoil-éar thiar air siúd. Clocha reatha ar fad a bhí 'san gcoiléar thiar / (Is maith deacair an lag-pholl é siúd atá sé a bhaint, agus is breagh an léana móna atá aníos aige as in a dheidh sin) /

Deacracht, deocracht = ainm-fhocal, buineann ag freagairt do'n aidiacht deacair, deocair = a bheith deacair, danra, cruadh, do-dhéanta agus rl. [Aindeoin go bhfuil an focal sáthach coitianta, níl sé leath cho coitianta agus a cheapfaí ó chaint an dreama a d'fhoghluim Gaedhilge, nó ó scríbhinní. Bíonn leagan níos tadhaille air i gcomhnaí is an gcaint]

Tá an talamh (portach, clais-ghainimh, coiléar agus rl.) in a dhiabhal le deacracht / Níl aon-deacracht 'san talamh sin [tá leagan mar seo an-choitianta ach é a bheith tadhall .i. talamh, portach agus rl. Ach ní chloisfeá "níl aon deacracht 'san scéal". Leagan eile a bheadh air sin: "níl aon-treampán ort" nó leagan de'n tsórt sin] / Ag dul 'un deacracht atá an barr seo 'léar mar atá mé ag dul suas air / (Ag dul 'un deacracht atá na buird léar (: de réir) mar a theann-fas tú le claise an tsrotha) / Ag dul 'un deacracht a bhéas {?}

an mhóin a thriomú lá ar bith feasta. Tá sé buille deir-
eannach 'san mbliain / Shíl mé nach raibh an oiread sin deacracht'
san gcúl sin. Tá sé ag cínnt ort an láighe a chur thríd chor ar bith /
(Diabhal mé go bhfuil an chlais-ghainimh siúd gan deacracht ar bith.
Níl ort ach iarraidh de'n phiocóid a thabhairt di, agus tuitfidh brúisc
agad) / (Is mó an deacracht an easca ná soir ar an gcruadhtan
déarfainn (: talamh cruadh)). (Ní fhéadfadh an easca sin gan a bheith
deacair. Nach bhfuil sí in a bog-eibhinn) /[(Is mó an deacracht an
talamh anuas annseo ar an mínleach ná an talamh riascach
sin i mbarr an bhaile,) ach ní thugtar aon-saothrú ar bharr
an bhaile nuair a theightear dhá shaothrú féin. (Ba cheart é
sin a lagann le aol agus le gaineamh gorm agus le dóib agus le 'chuile
rud mar sin, shul a chuirfí rud ar bith ann) / Is lugha an deac-
racht é i mbliana ná uair ar bith dhár cuireadh é le mo linn-se,
ach bhíodh sé in a chraiceann i gcomhnaí go dtí an "turn" seo /
Ní raibh deacracht ar bith air é a chur isteach. Ach bhí sé cho docht
len a bhfaca tú ariamh istigh. Fuair sé anró ón a bhaint amach
aríst / Is beag an deacracht a gheobhfá uaidh, dá gcoinnightheá
ola air. Ach tá sé tirm ar fad / Nach beag an deacracht a bhí
ormsa a dhéanamh, agus is lugha ceird mé ná thusa]/ Gabhfaidh sé isteach
gan deacracht ar bith ach an eanga sin a choinneál síos 'san
scoilteadh / (Tá deacracht ar churach a chur isteach ann ar chaoi
ar bith. 'Sé díol an diabhail é le muláin, agus muláin chontabhairteach) /

Duibheacán: fc. poll duibheacáin.

Deamhas: deamhsóg: ainm-fhocal; buineann [níor chuala mé aon-
chlaochlódh tuisil air, ach gur deamhasannaí, deamhsógaí an uimhir iolraidh.
Ó'n mBéarla measaim. d Béarla an fhuaim atá ann fearacht
"doubt", ach go sílim gur fuide siar ar an gcarbad an d i deamhas agus gur
leathnuighthe a bhíos an teanga leis.]

Deamhas = buille beag mar a bhuailfeá do láimh go h-éadtrom is an
éadan ar pháiste; duine a bhualadh is an gceann le bois na láimhe ("douse?
dose?)

Fuair sé cupla deamhas soir annseo an oíche cheana / Tiubharfaidh mé deamhas
duit mara leigidh tú dom fhéineacht / Thug sé deamhas bheag do'n mhadadh / Bhuail
sé deamhsóg ar an ngasúr, ach má bhuail féin, ní fhanfadh sé socair /

Deachma: ainm-fhocal; fireann; iolraidh — deachmaí, deachmainn

Deachma: an deichmheadh cuid de rud; an tuarastal nó an dualgas nó an dlighteanas a bhíodh an Teampall Gallda a éiliú roimhe seo ar an bpobal Caitliocach. Chuir Cogadh na nDeachmaí nó Cogadh na nDeachmann deireadh leis; cuid de rud.

(Bhíodh ar an daoine deachmaí a íoc roimhe seo, ach ní fhaca mise ariamh iad. Ní raibh mé beirthe ná go ceann dhá fhichead bliain in a dhiaidh. Ní mó ná m'athair — go ndéanaidh Dia maith air — a chonnaic iad. É sin féin, ba tanuidhe é déarfainn.) [Ach chuala mé sean-daoine ag caint orra. Tá sé na cianta cairbreacha ó a bhí na deachmaí sin ann — nach bhfuil?]/ (Chuala mé caint orra — na deachmaí atá tú ag rádh. Bhí a leithidí ann a mhaisce.) Deir siad nar h-íocadh iad sin ariamh gan ár agus fuil. Do'n teampall gallda a bhí siad ag dul. [Chloisinn S. Mh. A. ag cur síos air fadó, gur chuala sé ag a shean-athair go raibh siad ghá gcruinneál thiar annseo uair ar Dhúithche an Ch. Bhí póilíos ann ar chuma ar bith, agus rún aca a mbaint amach de'n bhuidheachas. (Chruinnigh tír agus talamh ann, le pící, le corráin nó arm ar bith ba túisce aca.) Chuala an sagart a bhí annseo thiar é. Níl fhios agam cé'n sagart a bhí ann ins an ám. Bhuel tháinig sé aniar ar chuma ar bith. (Chuaidh sé 'un cainte lena póilíos agus lena báillí. Marach go ndearna sé eadarscán an lá sin bheadh cuimhne air. Bhí muintir na h-áite líomhtha ceart ag achrann.) Dheamhan a fhios agam féin ar mhaith siad na deachmaí dhóib, nó nar mhaith, ach níor tóigeadh aon deachma an lá sin. Ní mheas-aim gur tóigeadh ná níos mó, ach leisce na bréige níl a fhios agam ar tóigeadh nó's nar tóigeadh … Tá sin céad bliain go láidir. Ara tá agus i bhfad len a chois. Bheadh sé sé scóir nó seacht scóir blianta ó a bhí sean-athair Sh. Mh. A. in a mhaith — dhá mbeadh sé taobh leis]/ Níor chuala mé gur tóigeadh deachmaí annseo ariamh ach bhídís annsin thoir ar Dhúithche an Bh. Na ministéaraí a d'fhaghadh iad sin, nach h-iad. Dheamhan mórán a chuala mé ariamh fútha. Tá siad sin caithte suas le saoghal agus aimsir … Ó'n droch-shaoghal ab eadh? Bail ó Dhia ort. Tá agus i bhfad roimhe. Rugadh m'athair — beannacht Dé len 'anam — trí bliana roimh an Droch-Saoghal (1846-1847) agus ní raibh siad ann len a línn. [Cá'id ó a bhí oiche na Stoirme Móire ann? … Céad bliain díreach. Bhuel is roimhe sin a bhí na deachmaí ann, má's fada gearr roimhe é, sin rud nach feasach dom. Ach fiafruigh de Sh. Ó. Ch. é. Sin é an fear a innseochas na h-údair (dh)uit … (Tá aois mhór agamsa air, ach má tá féin, níl mé ach ar chosa bacóige len a ais.) Tá údar aige faoi 'chuile shórt ó'n Díle]/ (Is fadó fiannach

an lá ó bhí na deachmaí sin ionn.) Ní hé an ministéara a chruinnigheadh chor ar bith iad, ach bhí proctéara aige a theigheadh thart. (Chuala mé an tsean-mhuinntir ag rádh go mbíodh conacra acu thíos i mB. an Ch. agus go bhfágáidís na h-iomrachaí annsin gan baint go dtigeadh sé féin agus go mbaineadh sé iad.) Gach deichmheadh h-iomaire a d'fhágaidís aige. (Deantaí an cleas céadna le na stucaí coirce: stoca as 'chaon deich stuca a fhágáil gan tárlúghadh, nó go dtugadh an proctéara leis é.) Badh shin é dualgas an mhinistéara. (Bhí na daoine in ainm agus an teampall gallda a chothú freisin.) Thigeadh na sagairt annsin, agus chaithfidís a ndualgas féin a fhaghail: coirce freisin. Sin é an uair a raibh an chreachadh ionn. 'Chuile dhuine agus a bhuille féin ar an duine bocht. Ba doiligh dhó é a sheasamh eatorra … Ní raibh cur in aghaidh dualgas an tsagairt chor ar bith, ach chloisinn na sean-daoine ag rádh go mbídís ag blaodhach i dtóin an phroctéara an uair a thigeadh sé i gcoinne an deachma, nó dhá dhalladh le scrathachaí ó chúl an chlaidhe. Bheadh rud ar a shon agad dá mbeirtí ort. (Chuirfí isteach thú (: ins an bpríosún) Ach ní raibh baoghal orru siúd go raibh siad cho h-adhartha agus go mbéarfaí orru.) [(Measaim go mbíodh an ministéara féin ionn scaithtí, mar chuala mé P. N. ag rádh an uair a bhí siad in a bputaigh, go gcuirtí suas leo a dhul isteach ar chúla an claidhe ag fuagairt indiaidh an mhinistéara: "a mhinistéirín cá'r fhága tú do bhean?") Deir siad gur sagart a d'ionntuigh, a bhí ins an ministéara a bhí annseo … [Cunntas faoi na deachmaí ins an gceanntar sin ó Sheán Ó Bheáin, Páirc Gharbh, Cearnmór, Baile an Chláir] / Ní raibh cuimne ag duine ar bith dhá raibh suas le mo línn-se ar na deachmaí nó má bhí, is beag a chuala mise fútha, ach an focal a chloisteáil mar sin go díreach. Chuala mé an focal 'chuile lá ariamh, agus bhí a fhios agam go mbadh tuarastal é a d'fhaghadh na ministéaraí, ach níor chuala mé thairis sin d'fháirnéis air. Dheamhan cuímne agam ar rudaí mar sin chor ar bith. An rud a d'innseochthá dhom indé, ní bheadh a fhios agam é aríst ambáireach / Bhí na h-eiricigh (: Protasdúin) go dona an uair sin a dhearbhráthair mo chroidhe. (Ag imeacht le Bíoblaí agus le "soup", agus dhá bhaint siar as na daoine le deachmaí th'éis sin.) (Ba bheag an cheart a bhí le fáil ag an Rú(mh)ánach (: Rómhánach: Caitliocach) an uair sin.) Mo choinsias ba bheag. Nach cóir adubhairt an ceann eile féin ins an amhrán: "'S go bhfuil an dlí ar fad aca ó a mharbhuigheadar Rí Seumas". Nímé an faoi na deachmaí sin a rinneadh an t-amhrán do "Chac i Mála" a bhí siar faoi Chonamara … Ach ní h-eadh. Ag ionntú daoine a bhí sé sin. Níor mhaith dhuit é sin a luadh siar in áiteacha ann fós. Chriogfaidís thú faoi. /

Caithfear deachma na sláinte a íoc = ní bhionn an duine folláin féin ar aon-mheath amháin i gcomhnuí. (Buaileann ruaigeanna tinnis, slaghdáin scoilteachaí agus rl. é,) ach ní cás dó é, ó nach mbaineann siad as ach seal, agus go mbíonn sé in a shláinte aríst. 'Siad na ruaigeanna sin deachma na sláinte. Buailfidh siad an té is folláine ar bith, agus go h-áirid ó bhaineas duine amach ins an aois / (Ní cás duit é a mhic ó ó tá tú cho saor sin — taobh le ruaig shlaghdáin.) Ar chuala tú ariamh é: caithfear deachma na sláinte a íoc. InDomhnach go gcaithfear / Buaileann ruaigeanna móra tinnis anois é. Dheamhan mórán bliain ar bith, le cúig nó sé de bhlianta, nach gcaitheann sé coicís ar an leabaidh. Ach ní cás dó é chreidim, agus an aois a bhfuil sé: dhá bhliain agus cheithre fichid. Caithfear deachma na slainte a íoc. /[(Fuair mé garbh é i mbliana ó na scoilteachaí. Níor fhága siad smeámh ionnam in imeacht cupla mí.) Marach sin dheamhan clóic a bheadh orm, ná cuid de chlóic. Ní beag dhom a dhonacht arsa tusa. Ní beag cheana, ach chreidim go gcaithfidh gach duine deachma na sláinte a íoc. Is amhlaidh a bhíos sé.]/ Muna mbeadh ar Sh. Mh. fadó ach léas ar a mhéir, d'fhanfadh sé istigh. Nior facthas a leithide ariamh le aire air fhéin. Dhá bhfiosr(uighth)eá de Sh. annsin céard a bhí air, ní thiubharfadh sé de thoradh ort i gcomhnuí ach "a mhic ó mo chroidhe thú, caithfidh mé deachma na sláinte a íoc". Ní innseochadh sé go bráth duit, céard a bheadh air. Ach ba deacair dó, arae (ní bhíodh ceo na frighde air leath na gcuarta, nach (: ach) nach dtiubh -arfadh sé an áit amach air féin ar bhás an domhain, dhá mbeadh gaimh ar bith ins an uair.) Spriosáinín beag dona a bhí ann. Shéidfeá de do bhois é go dtí an Domhan Thoir. Bhíodh spideog air an lá ba bhreácha ins an mbliain … Ní bhíodh de leath-rann againn féin annsin in áit ar bith dá mbíodh sé ach "a Sh. caithfear deachma na sláinte a íoc." [Is maith is cuímneach liom an oíche ar tórradh é. Tá sé suas le cupla scór blianta go maith. (Bhí mé féin agus bulc de na scurachaí isteach in éindigh le P. Mh. a bhí annseo thuas ann.) Chuadh muid ar a' nglúine go gcuireadh muid faoi bhrigh na guidhe é. Níor dhubhairt P. urnaighe ar bith — go ndéanaidh Dia grásta ar an mbeirt agus ar na mairbh ar fad. 'Sé'n chaoi a raibh P. ag breathnú isteach air as cíonn cláir agus é ag rádh: "tá deachma na sláinte íoctha agad faoi dheire, a ghiolla shin. Ba cheart go bhfaightheá luch pine (: luck-penny) maith anois, agus cho fada agus a chaith tú dhá íoc." (Ní raibh aonduine ins an teach nach raibh falrach gáirí air.) (Cuímneochaidh mé air go dteighidh na h-órdógaí orm.) Dar fiadh cuímneochad]/ Ní cás dó é má tá sé ar a

a shean-léim aríst. (Tá sé luath láidir bail ó Dhia agus ó Mhuire air, agus ní bhfuigheadh sé tolgán ar bith i rud fánach de'n tsórt sin.) (Ach diabhal mé an aos óg féin go gcaitheann siad deachma na sláinte a íoc freisin, cho maith le sean-riadairí mar mé féin) arb é mo chrann é feasta choidhchin a bheith anshóighteach. Dheamhan a fhios agamsa nach goilleamhnaighe aríst an óige ar an saoghal seo ná na seandaoine /[Duine ins an gcéad a dheirbhshiur ó a chuirfeas an saoghal thairis gan corr-phoc eicínt dhá bhualadh. Caithtear deachma na sláinte a íoc. Bíodh muid buidheach má eirigheann sé linn cho réidh sin. (Feiceann muid fir luatha láidire scolbánta ar na maidí 'chuile lá ins an tseachtain.) Nach bhfuil a fhios agadsa annsin go bhfuil sé mór ag sean-chuaillí mar muide a bhfuil leath-chois linn istigh ins an uaigh cheana, a bheith ag casaoid]/ (Bíonn fuasaoid mhór uirre ar an aimsir seo : scoilteachaí, coiliocum, altraid chroidhe, agus cá'il an t-anshógh nach mbíonn uirre) Ach caithfidh 'chuile dhuine deachma na sláinte a íoc. [(Deirimse leatsa dhá mbadh í an Inid a bheadh ann agus caint ar chorr-starróg a beith ag corruighe, go mbadh bheag an éagcaoineadh a bheadh uirre, ach í in a suidhe suas annsiúd agus gob uirre fé'int a gcloisfeadh sí aon-chlascairt ag toidheacht ag iarraidh na h-inghíne.) Sin í an ceann céadna — hébrí céard a bhéas uirre — nach leigfidh aon-lúib síos in a gnaithí.]/ (Tá mé ag fuasaoid arainge le seachtain. Dheamhan cor ná cor fágtha ionnam aice.) ('Chuile uair dhá ndírighim mé féin, bhuaileann an driog — driog maith freisin — mé isteach ins na h-asnachaí.) Ní fhágann sí puth de m'anáil agam scaithtí. Níl mé indon ionntú ó'n taobh seo anois go dtí an taobh eile. Dheamhan é muis. Má fhéachaim leis, is fear mé a shaothróchas an saoghal. A! Dheamhan brigh innte, ach go gcaithfidh sí a seal a thabhairt mar sin. Caithtear deachma na sláinte a íoc. Níl a dhul uaidh / Níor mhiste dhó é, dhá dteagadh sé as cho saor sin. Ní fiú biorán rud fánach mar sin. Bhuailfeadh pianta mar sin an fear is ábalta agus is folláine ins an tír. Ar chuala tú ariamh é: níl duine ar bith nach gcaithfidh deachma na sláinte a íoc. (Má 'sé sin a bhfuil air, ní dochar é, ach 'sé an faitíos a bheadh orm gurb í an cailín eile (: an eitinn) a bheadh in a chrioslaigh.) (Tá snuadh an-lasúnta (: lasmhanta) air le goirid, agus shílfeá go mbíonn an criotán eile sin ag gabhail dó freisin.) ('Sé an sórt duine é ní éagnóchadh sé aon-cheo go bráth, nó go dtuitfeadh sé imbun a chos. Sin é an t-údar go gceapaim go raibh na pianta a bhí in a thaobh i bhfad tí (: ní) ba ghártha ná bhí a leigean amach féin.) Ach má bhí, cheil sé ar 'chuile dhuine é / Is breagh an

scéal atá agad: go gcaithfear deachma na sláinte a íoc. [(Ach ní sásamh mór é sin domsa atá ar chúl mo chinn annsin thiar le coicís, agus mo chuid coirce scrútuighthe cheal a bhainte.) Dá mbuaileadh sí mé uair ar bith eile ins an mbliain, ach ní bhuailfeadh, ach go mí-thráthamhail an uair is mó an chruadhóg. (Diabhal mé go sílfeá gur h-aisteach an tráth de bhliain ag duine slaghdán a tholgadh: imbrollach an Fhoghmhair.) (Seo é anois an slaghdán caorach a raibh bean Chonamara ag caint air.) Narba hé amháin dó ar chuma ar bith! Cuirim leis í agus ní hí an óige í. Tá mé siar le obair mo bhliana in geall air / Is aisteach an rud í an tsláinte a dhearbhráthair ó. Daoine a mbíonn sí go maith aca gan pian gan tinneas ó'n lá a saoghluighthear iad (go dtí an lá a dteigheann siad ins an roinnín (: roillig).) Daoine eile a bhíos meath-thinn i gcomhnuí. Ach duine i bhfad ó chéile nach bhfagann poc eicínt. Caitheann 'chuile dhuine — hébrí cé hé — deachma na sláinte a íoc / (Tá an slaghdán sin in a lionnán (: leannán) agam anois le cheithre mhí.) Ó dheamh-an ar fhága sé amach mo chrioslaigh ó tholg mé é deireadh oíche ag dul ar aonach na Féile Michil. Dheamhan fágáil muis. 'Sé an scéal é: ('sé deachma na sláinte atá mé a íoc; sin nó 'siad mó chuid peirfhiachaí atá mé a chur díom.) Ceann eicínt aca. / Má fhaghann tusa fliuchán agus amlú íocfaidh tú deachma na sláinte luath nó mall. Bí cho siúráilte dhó sin (: dhe) agus atá grian ar aer. / (Anois atá sé ag íoc deachma na sláinte. Thug sé sin droch-thúnnáiste dhó fhéin as a óige, agus ní fhéadfadh sé rith leis.) Chaithfeadh sé a dhul roimhe uair eicínt. (Dheamhan fear dhá bhfuighidh an túnnáiste nach bhfágfaidh sí a shéala air luath nó mall. Is olc an rud í an chois fhliuch, agus an ghail bhruithte as do chuid éadaigh thuas ar do chraiceann.) Ba shin é a fhaisean sin muis. Ní bheadh géilleamhaint ar bith aige d'athrú éadaigh ná stocaí. 'Sé an chaoi a dtosóchadh sé ag flith-mhagadh fút faoi. "Níl siad ag cur tada asam dhom" adéarfadh sé. 'Ar ndú' bhí an scéal sin ceart go leor, go dtí leis an aimsir. Sin é an buille /

Fágfamuid ag an deachma (nó ag an dul amú) é sin = rud fánach narbh fhiú le duine a chrapadh, ná a chur ins an gcomhaireamh. D'fhágfadh sé annsin é gan foghaint ar bith a bhaint as, nó gan a thabhairt leis, nó gan a chur i gceann an chuid eile. / Tá an garrdha curtha anois go dtí an cúinnín sin. Ara fágfámuid ag an deachma é sin. Ní fiú dúinn a dhul

dár meárú féin leis, scáth a mbeidh de shochar air = fágtar cúinní beaga
scaithtí i ngarrantaí cuir, ingeall ar a bheith ro-aistreánnach,
nó iad a bheith ionann agus do-churtha de bharr cloch nó a leitheid.
Nó d'fhágfaí cúilíní ingarrantaí cheal leasuighthe scaithtí agus
déarfaí an rud céadna leo /[(Fág ag an deachma é sin. Ní fiú an
tairbhe an trioblóid. Thiocfá ag mianadóireacht annsin ar feadh
an lae agus ní bheadh tada déanta agad ann in a dheidh sin. B'fhearr
duinn go fada a' ndúthracht a chaitheamh le rud eicínt a mbeidh
tairbhe eicínt dhá bharr ná ins an tsean-ghrainseach shalach sin) /
Eirigheadh muid as. Cé'n mhaith dhuinn a dhul ag cur a(r) gcuid alluis
ag priocadh leis an áirdín clocach sin, agus ní bheidh leath-chloch fataí
choidhchin air. Fág annsin ag an deachma é, i dtigh diabhail. Má
thogruigheann an dream a thiocfas in a' ndiaidh se'againne é a romhar
oibrigheadh leo, ach díthcéille dhuinne a dhul dhá dhéanamh. Dearg-dhíthcéille]/
(Tá an fiadhach díbrighthe anois againn. Fágfaidh muid cúinne an
ghirrfiadha ag an deachma = an uair a bhíos garrdha ar bheidhil
a bheith curtha 'sé "cúinne an girrfhiadha" an priobán beag a bhíos
fágtha. Deirtear go mbíonn "an fiadhach" annseo agus má chuireann tú
an garrdha amach ar fad, "díbrigheann tú an fiadhach") / (Fágfamuid na
cupla crúbán úd idir dhá chlaise ag an deachma. Chaithfeadh muid lá dhá
socrú, agus ní bheidh aon-fhata go bráth orra, tá siad cho h-uisceamhail
sin) /[Ab é an cnocáinín carrach siúd. 'Ar ndú' ní ag dul dhá shaoth-
rú sin a bheadh sé. Fágadh é siúd ag an deachma. (Diabhal mogal
a d'fhásfadh annsiúd, dá gcuireadh sé a bhfuil de leasú thíos tigh
T. R. air. Nach bhfuil an leac ag freagairt ann is 'chuile áit …) Sílim
-se go bhfuil]/ Ná comhair na breaclachaí ná na clochair sin chor ar
bith isteach le do chuid talmhana. Ab iad siúd. Cé'n diabhal samhaoine iad?
Fág iad siúd ag an deachma. ['Ar ndú ní maith atá leo. Níl siad le cur
ná le fuirseadh. Agus má chuireann tú beithidheach ionnta, is gearr gur
basctha a bhéas sé. Mara bhfaghaidh tú tréad gabhair agus cead scuir
a thabhairt dóibh ann, agus a bheith ins an gcúirt 'chuile mhí de bharr a gcuid
foghlach. Ó siúd é atá aghad a dhéanamh leo: tabhair do'n deachma iad.]/ (Maidir
le na múrlocha sin atá thíos annsin aige, ní bhuachfaidh sé aon-phighinn go
bráth orra.) Dheamhan pighinn muis. (Nach mór de'n leibideacht atá air a bheith

dhá gcoinneál fáluighthe. Cé'n bhrígh ach bíonn claidheachaí cho h-árd aige orra le balla an phríosúin): (ag iarraidh daoine a bhascadh, agus treampán a chur orra, d'eile.) Dhéanfadh an draoidheadóirín siúd len a chuid aisiléaracht' é. An bhfuil a fhios agad céard adubhairt sé liom an lá cheana: go raibh sé ag brath ar an gcurrach thoir aca a leasú i mbliana. "Go gcuiridh Dia an t-ádh ort" adeirimse. "Tabhair do'n deachma iad agus ná bídís annsin in do bhealach féin, agus i mbealach an bhaile, scáth an tairbhe atá orra." /[(Fág ag an deachma (nó an dul amú) an cosamar móna sin. Ní thuillfidh sí ar an dubhachán, agus tá sí ro-mhionuighthe le dhul ag déanamh aistir abhaile di.) Ní fiú deich triuf í ar aon-chor / (Céard a rinne mé leis an scaipiúch spré-mhóna?) D'fhága mé annsiúd ag an deachma í. D'eile céard a dhéanfainn léithe. 'Ar ndú níl tú ag síleachtáil go gceannóchadh fear "lorry" í, agus ní bheadh sí ach ag cur áit' amú orainn féin len a cruachadh. / D'fhan riar beag in mo dhiaidh. Chinn orm í a bhailiú ar fad (: a bheith indon a cur ins an ualach). (Níl innte ach conuas ar aon-chor. Má ghním malach eile di, ní bheidh mé ach ag cur anró orm féin, mar ní choinneochaidh na gadracha maoil ins an maoil í.) Nach fearr duinn a fágáil annsiúd ag an deachma. Caithfidh an dul-amú rud eicínt a fháil]/ Fág annsiúd ag an deachma í! Bail ó Dhia ort! Ní tú a fuair a h-anró dhá baint. Feamuinn bhreagh chosach í aníos de'n Locháinín Thoir, agus tá cion boirdín an asail ann di. Síos leat agus árduigh aníos í. Tá an iomarca spreallaireacht' ort ar fad. Marach sin, d'fhéadfá í a bheith aníos cheana agad. / (Tá oiread ámén d'fhuighleach ann. Níl innte ach mionús — mionús ceart. Déarfainn nach fiú a dhul in a coinne.) Fágfamuid ag an deachma í / (Céard a dhéanfar leis an munachar féir a d'fhan d'fhuighleach ins an ngarrdha sin thiar. Ní thuillfidh sé ar an gcoca, agus níl cion coicín dó féin ann.) Teastuigheann rud eicínt ó'n deachma ar aon-chor /[(Níl duine ar bith do'n bhuidéal seo — an bhfuil? Nach mé a rinne an flaisc. Is mór is fiú nach dtaobhuighim tighthe ósta ach go h-annamh.) Is furasta aithinte agus mé a bheith ag glaodhach pórtair le cois mar sin. Teas -tuigheann rud eicínt ó'n deachma hé brí é / Beidh coirce le cois — cupla stuca. Ní thiocfaidh ar an gcruaich seo thar sheacht nó h-ocht de bhearta eile. Sílim gur ceart go dtiubharfadh an méid sin congnamh maith uirre. An méid a bhéas le cois ab eadh? Dheamhan a fhios agam féin céard a dhéanfas muid leis sin, mara gcaithidh muid ag an deachma é. Teastuigheann rud eicínt ó'n deachma]/ Sin í anois an chreach rointe (:

: conách iascaigh) cé's moite de'n dá bhod ghorma seo agus
ní ghlacfaidh an cut féin iad. Tá ar ndóthain againn le tabhairt dó dhá
bhfuireasbhaidh. Bíodh aca. Tá rud eicínt ag teastáil ó'n deachma.
Caithfeamuid chuige iad. Caithfidh cheana. (: Chaith siad uatha iad. Ní thiubhar-
faidís abhaile iad) / (Tá 'chuile thomsachán anois idtoll a chéile,
ach an méid féir ascalla a d'fhan ingarrdha Sh. Uí E. Ní bacfamuid leis an
scaipiúch sin sílim.) Teastuigheann sé ó'n deachma. [Bíodh sé aige. Ní
éadáil ar bith dhuinn a dhul ag cur dhá aistir eile orainn fhéin, thríd na
h-aistreáin sin siar, ingeall ar an méid sin. Ach dá mbeadh sé istigh
ar chlár na h-iothlann, ní léar dhom go mbeidh aon-áit len a chur. Cuir
-fidh a bhfuil againn mullach ar na cocaí. Cuirfidh agus beidh rud eicínt
d'fhuighleach freisin]/ (Ní bhainfidh muid an portaichín ó thuaidh chor ar bith
i mbliana. Tá sé lom-lán le dearg-laoch agus an charcair bhán sin, agus
sháróchadh sé duine ag iarraidh ceart a bhaint dó (: de). Fanadh sé annsin.) Ní
mór do'n deachma rud eicínt, mar adeireadh S. Dh. fadó. [Bhaineadh
S. Dh. a mbíodh de phortaigh ag gabhail leis 'chuile bhliain, ach (dheamhan fód
ar bith a thriomuigheadh dó mar nach dtugadh sé aon-ghiollaidheacht
di. Ní dhéanadh sé ach a baint agus cead aice fanacht annsin agus
triomú uaithe féin. An uair a bhíodh sí uiliog in a scaradh ar
an bportach aige indeireadh bliana, agus 'chuile fhód eile ar
phortaigh craptha, dá gcásuigheadh duine an mhóin le S. Dh. 'sé'n
leath-fhocal a bhíodh aige i gcomhnuí: "ní mór do'n deachma rud eicínt".
Ba ghroidhe an duine é S. Dh.]/ Tá cheithre pholl (: fataí) clúd-
uighthe aige agus glac eile le claidhe. Meastú an fataí síl iad siúd le
claidhe, nó an brath ar a dtabhairt do'n deachma atá sé. ['Ar ndú'
mo léan ní h-eadh. Is beag an néal atá air siúd. Cat bradach a
gheobhfadh brabach air, marar athruigh sé ó anuiridh, (ó d'fhéach sé le banbh
fireann a chur ormsa, mar dhóigh dhe go mba ceann boineann é)]/
(Tiubharfaidh sí an laogh siúd atá aice do'n deachma. Níl aon-bhiseach faoi. Tá
sé in a ghuróir annsiúd le claidhe agus má bheireann oíche sheaca air, beidh sé
in a spéice ar maidin. Shílfeá go mbeadh smais eicínt air thairis siúd.)
An-údair uiliog a tháinic ó'n tarbh sin. (Ach sin é an tógáil a fuair
an díthreabhach bocht. Níor thóig sí aon-laogh ariamh, ach iad ag imeacht
in a mbás ar sliobarna mar siúd) /[(Bhfaca tú an searraichín crón atá

aige. Níl ann ach na cheithre eite anois.) Dhá mbronntaí ort é, ní leagfá bearna i gclaidhe len a leigean isteach in do gharrdha. Meastú beo céard atá air. Tugadh sé é siúd do'n deachma ar chuma ar bith. Maidir le go mbeidh aon-cheo dá bharr aige, ní bheidh]/ (Níl aige a dhéanamh leis an gcréatúr de réithe sin aige anois, ó 'bhuail rae roilleacán ins an gcloigeann é, ach a thabhairt do'n deachma, ó thárluigh nar thug sé do Mhártan é.) Ach ní raibh tada air le tabhairt do Mhártan. Dheamhan sciolltar. Ní ghlacfadh Mártan uaidh é (: Mártan: an Fhéil' Mártan. Marbhuighthear feoil in a ómós) / (Tá a dóthain aice thar an ngeospailín siúd. Ní aireochadh sí ar iarraidh é in áit a bhfuil dháréag agus píobaire. Ar aon-nós, ní dhéanfaidh sé aon-bhiseach go bráth ach in a chraibiodáinín mar siúd.) Is diabhaltaí an méid atá ag an dream eile air. Nach bhféadfad sí é siúd a thabhairt do'n deachma. Ní éadáil ar bith i dteach é ar chuma ar bith /[Má tá P. ag dul ag pósadh, tiubharfaidh siad S. beag do'n deachma. Caithfidh siad a chur amach, mar ní sheasfadh aon-bhean beo leis i dteach. Agus má chuireann siad amach é ní ghlacfaidh áit ar bith isteach é. Cé a ghlacfadh é. Dheamhan an "poorhouse" féin a ghlacfas é, ná cuid de ghlacadh. Fear ar bith a d'fheicfeadh é siúd ag geata an "phoorhouse" lá fuar, meastú an leigfeadh sé isteach é. Is túisce go mór a leigfeadh sé isteach an "monkey" beag a bhí thoir ins an "show" annsin thoir. Siúd é a bhfuil le déanamh leis: a thabhairt do'n deachma nó do'n dul amú]/ Féadfaidh sib an ghrifisc bheag sin soir i mB. L. a thabhairt do'n deachma. 'Ar ndú' ní indon "ball" a bhualadh atá siad sin. Tá muis. [Bhuailfeadh imreoir maith a bheadh ar an bpáirc ar rugadh ariamh aca. Is feasach domsa go maith céard é a ngníomh sin. Nach mbínn ag traoiáil a n-aithreachaí fadó, an uair a bhíodh muid "dallta" annseo thoir. Bhuailinn a raibh istigh ar thrí bhaile aca; agus mé ar mo chromada. Is minic a bhuail. (Ach bheadh neart glaodhmaireacht' aca, an uair nach n-aireochaidís aon-fhear maith ann …) Siúd é anois a ndéanfainnse leo — a dtabhairt do'n dul-amú. Ní fhoghanfaidís do thada eile]/ Péire dhó féin, ceann do Sh., ceann do A., ceann do mhac P. Bh., ceann do Mh. Mh. N.; cé mhéad sin fágtha sin ins an gcuain … Péire.

Tugadh sé an péire sin do'n deachma. Ní fuláir rud eicínt a thabhairt do'n deachma. Mara chéile 'chuile choileán aca go tóin. Níl barr ag ceachtar aca ar a chéile. Tá mise ag déanamh roghain ar an gceann crón. Ní fhaca mé aon-chú chrón ariamh nach mbeadh thar cíonn. / Cailleadh triúr orm i mbéal

a chéile, ní ag comhaireamh na h-anachain é ach caithfidh an deachma (: an dul amú freisin) a chuid féin a fháil = cailleadh triúr páistí air, ach ní fhéadfaidís ar fad a bheith saoghlach. Caithfidh duine eicínt imeacht /[('Bhfeiceann tú an péire breagh muc a cailleadh ormsa, dhá bhliain indiaidh a chéile, ní ag comhaireamh na h-anachain é, ach sin é an chaoi a mbíonn sé.) Go dtí sin, míle buidheachas le Dia bhí siad ag eirghe linn go maith, ach gheobhaidh an deachma a chuid féin uair eicínt … Ní fhéadfaidh an saoghal a bheith ag féithiú le duine ar a mhian féin i gcomhnuí / (Ní bhíodh aon-anachain bheithidheach orra go dtí le fíor-ghairid má's eadh. Dheamhan ar chuala mé ariamh gur imigh aon-cheann orra sin cheana.) Ní beag dóib a thúisce go mbadh leo féin uainne é! (Ara is beag a aireochas siad siúd bulán nó dhó, áit a bhfuil a leitheid siúd do phlód beithidheach.) Níor mhór do'n deachma a chuid féin a fháil.]/ Gearr na cloigne díobh. Níl aon-mhaith ionnta. Níor dearnadh ariamh le cloigeann bod gorm nó bláthain ach a fhágáil ag an deachma / Ná bac thusa le blaoisc an phortáin. Caith í sin ag an deachma, mara mbeitheá ag dul ag iascach agus go dteastóchadh baoite uait go díreach. Istigh ann atá an t-iasc /[(Níl na ceanna cruacháin ná na malraí cháit sin len ithe chor ar bith. Má bhuaileann siad go deo an dubhán agad, caith ag an deachma iad. A mhaltraid níl le déanamh leo.) (Nach cloigeann ar fad é an ceann-cruacháin. Bhí mé lá i mbliana annsin thíos ar an storráinín, agus bhí siad do mo bhualadh cho tréan in Éirinn agus a bhí mé dhá gcaitheamh i bhfairrge.) (Ach dhá mbeinn ann go dtuiteadh déidín agam, ní bhfuighinn priocadh ó thada eile.) Ghlionndáil mé suas mo dhorugha faoi dheire le cantal, agus aníos liom. Ná bac thusa le lá ar bith a mbeidh bualadh ar a leithidí sin. Tá tú réidh le iasc an lá sin. / (Níl d'áirge ins an líamhán gréine ach an ola atá ann, measaim. Maidir len a chuid éisc caithtear ag an deachma é.) Is maith géar an drad nar mhór duit a bheith agad, le dhul in éadan liamhán gréine / Rón! Dá marbhuigh -innse rón, bhaininn a chuid ola as agus d'fhágfainn ag an deachma annsin é. (By dad féin muis, bheadh compléasc láidir ag an té a ghabhfadh ag ithe róin. An iasc atá chor a bith air. Sílimse nach h-eadh, ach feoil.) Nach geall le laogh mór agad é]/ Tá na h-easconaí locha agus na h-easconaí srutháin an-cheart le n-ithe. 'Siad an bheatha is blasta iad a chaith tú ariamh dá mbeirtheá ins an gcochall orra, uair ar bith uait amach anois. Níl cinneadh go deo leo a mhic ó. Ach na lúbógaí eile sin. Ní fiú do sheacht mallacht iad

iad. Ní raibh le déanamh agad leo sin ach a dtabhairt do'n deachma. Bheadh consaeit (: "conceit": col) agam féin leo ar fad. Bheadh, bíodh a fhios agad, agus le concar. (Ní raibh aon-ghnaoi agam orra ariamh an uair a d'fheicfinn ag teacht isteach marbh de'n charraig iad. Marach leisce a bheith ag baint chainte amach, 'séard a dhéanfainn leo a gcaitheamh amach aríst ar an tsráid. Is mór an úis iad (: uais)) /[Bris iad le cloich agus ith an eithne atá istigh ionnta. 'Sé an biadh sin atá len ithe. Nach seafóideach an malraichín thú má cheap tú go bhféadfá a ithe uiliog. Níl maith ar bith ins na blaoscannaí sin. Dheamhan maith. Fág ag an deachma iad sin. An bhfaca tú cnathannaí ariamh cheana? Is cosamhail nach bhfaca agus thú in t'aineoluidhe cho mór in a dtimcheall agus atá tú. Ach cá bhfeicfeá iad thiar i mB. an D. agus gan crann 'fhoisceacht fiche míle dhuit, ní áir(mh)ighim coill / Má ghníonn sé sioc cho mór anocht agus a rinne sé aréir is suarach an éadáil duit a dhul ag rómhar na "meaingils" údaidh. Béarfaidh sioc mór eile síos ins an gcréafóig orra, agus tá a gcnaipe déanta annsin. Dheamhan ceann a bhuachfar go deo orra. Caith ag an deachma iad má theangmhuigheann sioc leo / Bhí cion cheithre cléibh fhataí annsin thuas agam arbhú aréir. (Níor fhéad mé dhá gclúdú in áit a dtáinig scéala agam go raibh an bhudóig i dtinneas laoigh. Bhí sé amach in am suipéir go raibh an gó sin (: gábh?) thart.) Ba duibhe an oíche ná an phic, agus bhuail drugal mé a dhul soir ag plé leo an tráth sin d'oíche. Shíl mé dheamhan clóic a bheadh orra. Ní raibh amuigh ach corr-réaltóg agus ní raibh an ghaoth ó thuaidh Ach mo léan deacrach, rinne sé an sioc deireadh oíche, agus mhill sé iad fré chéile. (Níor chás é dhá mbeidis cruínn baileach fhéin, ach bhí siad fágtha in a scaipiúch agam ag ceapadh go sroichinn ar ais. Níl luach leithpighne mhaith anois ionnta ach a gcaitheamh ag an deachma. Is deacair do dhuine aonraic a bheith suas le 'chuile obair. Níl aon-ghoir aige air / Tá maith le 'chuile sórt ins an muic. Níl sciolltar thuas ar a craiceann go dtí an chrúibín féin nach gcuirtear caitheamh ann. Ach is mór atá ar chaora agus ar mhart nach bhfuil de leas ann ach a chaitheamh ag an deachma. (Geir na caorach cuirim i gcás. Déanann sí eánbhruith ceart go leor, ach cé a d'íosfadh í. Chuirfeadh sí col orm féin. Ní fhéadfainn breathnú uirre, ní áirighim blaiseadh di. Is duine an-éiseallach mé ar aon-chor.) / Níl siad ag cur cuibhriú ar bith ar an sean-asal sin aca anois, ach cead scuir ar bhóithrí aige, agus má fhéadann sé aon-bhearradh a bhaint amach do'n chomursa. Tá siad an-cheanamhail ar na h-asail eile. Bíonn siad go dtí na mbolg i bhféar i dT. na M.

'chuile oíche aca. Ní mór dóibh a mbeathú go maith agus a gcuirtear d'obair orra. Tá obair an tsean-asail ar iarraidh. Tugaidís é siúd do'n deachma anois. Is beag thairis is fiú é]/ Tugtar dreoilín eicínt aca i gcomhnuí do'n deachma … (Tuige nach bhfaca tú aon-dhuine ariamh ag iarraidh dreoilíní do cheirt na n-easbaí.) Caithfidh tú a bheith ag tóruidheacht agus ag síor-thóruidheacht go bhfaghaidh tú nead a mbeidh dhá dhreoilín déag innte. B'fhéidir nach mbeadh call mórán tóruigheacht' dhuit chor ar bith, scaithtí. Bíonn neadrachaí dreóilín thar a chéile ann blianta. Scaithtí eile ní fheicfeá ceann ar bith … (An uair a gheobhas tú an nead, níl agad le déanamh ach na luipreacháin — na dreoilíní — a mharbhú agus a gcuid fola a chur ar shean-cheirt.) Caithfidh tú fuil as 'chaon cheann aca a chur uirre. Mara gcuiridh ní bheidh aon-mhaith dhuit ann. Breith ar an sean-cheann annsin — an Rí — agus deirtear í a thabhairt do'n deachma. Ach is cuma cé'n ceann de na trí cinn déag a thiubharfá do'n deachma ins an gcás sin. Bíonn muirghín mhór ar an dreoilín. "Is mór mo mhuirghín : is beag mé féin" adeir sí … Beidh do chuid oibre déanta annsin, le ceirt na n-easbaí … Chuala mé go minic an scéal sin faoi'n dreoilín a tugadh do'n deachma. 'Tuige nach gcloisfinn. An bhfuil tú dhá iarraidh … (giota as cunntas faoi cheirt na n-easbaí a fuair mé ó m'athair) / Tá an scéal sin Mac Rí na nDeachmann ag S. Ó. B.

Bhí sé dhá innseacht an oíche cheana thíos tigh na S. ach thoisigh P. ag sáruigh -eacht air sul a raibh mórán bail aige air, agus indar liom féin gur mó an rún a bhí aca as a dheireadh, a dhul ag bualadh crigíní ar a chéile. Níl cuí(bh)eamhlacht ar bith in P. má bhíonn duine ar bith ann a mbeith a fhios aige dadaí, bíonn sé ar an mbrúisceamhlacht sin. Measann sé gurb aige féin atá gach údar. Má's leat an scéal a chloisteáil buail soir ag an teach ag S. féin, agus innseochaidh sé duit é / ("Ní de thír ná de thalamh thú" adeir an bhainrioghan "nach mbeadh a fhios agad gur gheall sí ceann do'n deachma,) agus bhí sé de ghnaoidheamhlacht innte an dá cheann déag a thabhairt amach". As sean-scéal — Gé an Oileáin — ó m'athair /

Dealg: ainm-fhocal; fireann; geineamhnach "deilg" (ach is rí-annamh a bhíos claochlódh tuisil air); iolraidh — deilgne.

Dealg = na coilgne nó na speiríní géara a bhíos ar dhriseacha, ar sceacha, ar ras-chrainnte agus ar fhás i gcoitiann, ar ghráinneóga, ar éisc áiride agus dhá réir sin; fleasc ghéar ar bith (: go h-áirid dealg sceiche nó drise) a thiocfadh in do chois nó i mball ar bith dhíot agus a dhéanfadh seile, dhá bhfaghadh sé a sháith ionbhadha ann.

Deilgne: Bheadh an chiall beagán níos fóirleithne ná dealg féin (Féach somplaí)

"Chuaidh mé suas an bóithrín agus tháinic mé anuas an bóithrín agus fuair mé rud nach raibh mé a iarraidh" = chuaidh mé siar an garrdha agus tháinic mé aniar an garrdha agus fuair mé rud nach raibh mé a iarraidh (Tomhais — dealg) "Níl lot ar bith nach mbeadh dealg cho dona leis" (: sean-fhocal) = [Déanann dealg droch-lot mar a dtapuighthear é = is lugha ná frigh máthair an droch-ábhair = is furasta le rud fánach mara dteightear roimhe, a dhul in ainsil = an rud is lugha a gcuirfeadh duine suim ann, thiocfadh dhó iarmhairt dhalba a bheith air]/ Má tá tú ag aireachtáil pian ar bith, is fhearr a dhul roímpe in am ná in an-tráth. Níl lot ar bith nach mbeadh dealg cho dona leis /[Bhfeiceann tú Mac P. N. atá ins an aspuicil le dul 'un bliana len a láimh. Is mór adéarfá dhá dtugadh duine tsiocair dhó féin, ach 'sé a raibh de shiocair aige sin é a bheith ag briseadh cloch le oirdín annsiúd in aice an tighe.] [D'eirigh fhleasc beag de'n chloich — fleasc a bhí cho tanuidhe le lann scine.] Bhuail sé ins an láimh é. Níor chuir sé suim ar bith ann, mar níor fhuiligh sí féin air. [Dheamhan oiread agus cuímniú a rinne sé air go ceann seachtaine aríst, an uair a shéid sí suas. Rinne sí bulóg le at.] Sin é an uair a chuimhnigh sé ar na clocha. Chuaidh sé go dtí an dochtúr agus chuir sé ins an aspuicil ar an bpuínte é, agus tá sé ann ó shoin. Déarfá go mbadh fánach an tsiocair a bhí ag an duine bocht sin. Ach sin é. Níl lot ar bith nach mbeadh dealg cho dona leis / Bhí gearrbhodach ag L. Sh. Ph. Níorbh fhéidir a choinneál istigh, ach ag boithreoireacht ó oíche go maidin. Bhuail sé agus mharbhuigh sé é, agus thug sé 'chuile dhíol air, go minic. Chodluigheadh sé ins an gcró leath na n-oícheannta an áit a gcuireadh an t-athair an glas ar an dorus. Bhí bó aige l'aghaidh laoigh an oíche seo agus b'éigin do fanacht in a shuidhe dhá cíonn. Tháinig an mac domhainn ins an oíche. Ní bhíodh an t-athair ag

ag cur araoid' ar bith an uair seo air — bhí sé sáruighthe aige agus gan maith dhó ann. Dar fiaguidhe dubhairt sé an oíche seo leis gan droch-mhúineadh ar bith: "is fhearr leat ag boithreoireacht agus ar do chuid drabhláis" adeir sé "ná a theacht isteach in am, agus aire a thabhairt do'n bhó, i leabaidh t'athair bocht a bheith caillte annseo dhá cionn." Níor dhubhairt an stócach tada ach bualadh siar a chodladh. Chuaidh an t-athair a chodladh as sin go maidin. An uair a d'eirigh siad ar maidin, ní raibh an gearrbhodach ins an teach, ná ar an mbaile. Cuireadh tuairisc, ach ní raibh fáil in áit ar bith air. [D'fhan mar sin go bhfaca siad suím aimsire agus gan tuairisc ná fáir-néis air, ar an bhfad sin.] [Sin é an uair a scríobh sé as Meiriocá agus chuir sé céad punt abhaile ar aon-láimh amháin.] Bhí an-tsaothrú dhó ar an "railway". 'Sé an focailín sin adubhairt a athair a spadhar é, i gcruth-amhnas duit nach bhfuil lot ar bith nach mbeadh dealg cho dona leis / Dealg sceiche, dealg spíonáin, dealg drise, dealg droighin, dealg bóthair, dealg láibe (dealg múnlaigh), dealg gráinneoige, dealg cluan mara, dealg éisc agus rl. = cineálachaí dealg atá ann. /[Dealg drise a d'fhuiligh orm. Dhá bhfeictheá an scáird fhola a tháinic as mo mhéir aice]/ Deir siad gurb é a raibh d'údar aige, lá a ndeacha sé ag baint sceiche annsin thiar, gur fhuiligh dealg ar a mhéir. Lá ar na bháireach bhí sé ins an leabaidh aice agus níor eirigh sé níos mó. [Cuireadh aithne air gan an sceach a bhaint — bhí geis eicínt uirre — ach ní raibh comhairleachan ar bith in a chíonn siúd. Is dona a chuaidh an sceach do'n duine bocht ar aon-nós]/ Níl rud ar bith is géire deilgne ná an ghráinneoig agus an dris agus an cluan mara. [An bhfaca tú cluan mara ariamh. Is geall le gráinneoig na deilgne atá air. D'fheicfeá go minic thíos ins an gcladach sin thíos é]/[Chuaidh dealg drise faoin a shúil, agus chaith sí an-fhada gan spré ar bith aige, ach é ag imeacht agus maistín de phláta aige uirre. Tá sí cneasuighthe anois aríst]/ Dealg éisc a sheas in a mhuinéal, agus a thacht é. /[Ná bac le breac ar bith a bhfuil na deilgne coilgneacha sin air. Ní bhíonn rath ná righeacht le n-ithe orra.] [Feacha na buid ghorma agus na bláthain chladaigh sin. 'Ar ndú níorbh fhiú do dhuine ar bith dhá mheárú féin dhá dtabhairt abhaile]/ Bhainfeadh dealg spíonáin fuil as = duine reamhar craosach dearg; duine a mbeadh neart fola ann; tá dealg an spíonáin an-mhaol, agus ní fhuileochadh sé ar dhuine, mara mbeadh an fhuil i gcruth pléasctha as uaithe féin / 'Ar ndú ní hí an bhornóg mhór siúd atá sé le phósadh. 'Sí atá craosach dearg bail ó

Dhia uirre. Bhainfeá fuil aiste le dealg spíonáin / Tá sé séidthe suas ar fad anois. An t-ól atá dhá dhéanamh is dóigh. Ní snuadh ceart atá air, té (: cé) go mbainfeadh duine fuil as le dealg spíonáin / Chonnaic mise í sin an uair a bhí sí in a cailín óg agus bhainfeá fuil aisti le dealg spíonáin, bhí sí cho craosach dearg sin. Ach ó phós sí, tá sí an-droch-bhreathnuightheach. Shílfeá scaithtí nach mbeadh deor fhola ar bith innte. / Bhí an cineál sin ar fad ar an gcaoi sin. Bhainfeá fuil as 'chuile dhuine go tóin aca le dealg spíonáin. Ach in a dheidh sin agus uiliog, ní raibh aon-tsláinte de'n rath aca. Séidthe a bhí siad. Breathnuigh ar an gceann seo thíos. Ní bhíonn siubhal an bhealaigh innte amanntaí /[Níl a fhios agam. Tá colainn ro-mhór aige, agus 'ar ndú bhainfeadh duine fuil as le dearg-spíonáin. 'Bhfeiceann tú an tsrón atá air. [Is mór an lear fuisce a d'ól sé leis an tsrón siúd a chur air]/ Is maith atá an áit thiar ag dul duit bail ó Dhia agus ó Mhuire ort. Tá tú dearg círíneach anois, agus bhainfeadh duine fuil asad le dealg spíonáin. Dar fiadh ní raibh an deirgeadas sin ionnad an uair a bhí tú annseo]/
[Chuaidh sí sin isteach ins an aspuicil in a bás ar sliobarna,] ach an uair a tháinig sí amach bhainfeá fuil aisti le dealg spíonáin. Sin í nach ndeacha an áit istigh go dona dhi ar chuma ar bith / Dealg láibe (: dealg múnlaigh) = dealg a bheadh báithte ins an láib nó ins an múnlaigh. Bíonn sé leath-lobhtha, ach mar sin féin níl dealg ar bith is géire ná é. Deirtear gurb iad an dá rud is géire amuigh, dealg láibe agus focal amadáin / Ar chuala tú ariamh é: dealg láibe agus focal amadáin an dá rud is géire ar bith / Shílfeá anois go mbeadh an ghaimh imighthe as an dealg láibe agus an áit a mbíonn sé, ach níl dealg ar bith a chinnfeadh air in a dheidh sin. Bhí mé ag útamáil thuas annsin i Lochán an Bhóithrín fadó, agus mé in mo ghasúr agus [chuaidh dealg in mo chois. Ní raibh mé indon a cur fúm go ceann leath-bhliana. Fhobair ar fhéad mé a cur fúm chor ar bith]/ Is gangaidighe é an dealg múnlaigh ná dealg ar bith eile dá bhfuil amuigh agus [tá sé mar sin le focal an amadáin. Chonnaic tú leath-leadhb go minic nach mbeadh éirim ar bith in a chuid cainte, ach 'chuile dhuine ag magadh faoi.] Bhí sé annsin thiar ag P. M. [Sin é a bhí in don an gob géar a thabhairt uaidh an uair a thogróchadh sé é. Ar chuala tú ariamh céard dubhairt sé le P. G. …] / Tá fhios ag dall gan súil go bhfuil an dealg láibe géar, ach ní hé 'chuile dhuine a thiubharfadh sunntas d'fhocal an amadáin. Ba cheart a thabhairt. Is minic adubhairt amadán

amadán an fhírinne — an fhírinne shearbh. Bhí a fhios ag an Rí féin fadó é an uair a ghlac sé comhairle an amadáin … / Chloisinn S. M. Sh. ag rádh fadó nach raibh dhá rud ar bith ba ghéire ná dealg láibe agus focal amadáin. Bhí a mh'anam! An giall atá ar a bhean-seisean. Is geall le rásúr é / Dealg ins an mbeo = tairnge ins an mbeo = sáithteán = ghob géar = do dhóthain de fhreagra nó do dhóthain de bhail = rud a ghabhfadh cois croidhe, a chuirfeadh múisiam ort, a bheadh in a dhris chasáin ort, a chuirfeadh rud as duit, nó a ghoillfeadh go mór ort / Ba dealg ins an mbeo ionnam an chaint a chaith sí (Fc. tairnge) /[Bhí sé ag caint leis go sládrúsach agus a dhealg sáithte ann ag iarraidh a chur dá chois] = [A dhealg sáithte ann = é in a éadan; greim docht aige air i riocht agus nach mbeadh aon-ghoir aige imeacht uaidh; é ag déanamh uisce faoi thalamh air; é i dteannta aige, agus gan é de rún aige an ceann eile a leigean uaidh go ndéanfadh sé an feall air]/ Má tá a dhealg sáithte innte sin anois aige, ní leigfidh sé di go gcuiridh sé síos ins an talamh í leis an díol a thiubharfas sé uirre. Sin é an sórt duine é. [An té a mbeidh sé in a aghaidh beidh sé in a aghaidh, agus níl aon-mhaith a dhul ag brughadh air. Is duine é a thiubharfas a chuid faltanais i gcreafóig leis.]/ Níl aon lá ó a tháinig sí isteach ar an mbaile nach shin é a ceird. Tá a dealg sáithte aice ionnamsa agus 'chuile shórt dhá bhféadfaidh sí a chur as dom déanta aice. Níor chumaoin di muis agus a liachtaighe gar a rinne ar bhain liomsa di agus dá fear / An bhfuil 'fhios agad cé'n fear a bhfuil a dhealg sáithte ag an sagart anois ann — in P. S. [Tuilleadh diabhail ag P. Bhí sé féin agus an sagart in a dhá gcuid déag le chéile. Ní bheadh glafar -nach ghadhar ins an bpobal nach mbeadh sé ag an sagart an oíche sin uaidh.] [Anois tá an sagart cho mór ins an mullach air féin le duine ar bith eile, agus gheobhaidh sé garbh uaidh é. Níl duine ar bith is mó aicís ná an sagart sin ach é a bheith in aghaidh duine]/[Má tá a dhealg sáithte ag an seairsint ionnad beidh sé ar siubhal go deo go gcuiridh sé i dteannta thú. Sin é an sórt duine é. Tá an oirille ann.] Féadfaidh daoine a rogha rud a dhéanamh annsin as comhair a dhá shúl, ach níl neart ag daoine eile an bóthar a shiubhal an uair is mian leis iad a chur i bhfastós. Fuair mise mo dhóthain dó (: de). Níl aon-cheo dhá raibh in a chumhachta nach ndear-na sé ormsa / Ó'n trathnóna ar leag muid a chuid claidhtheachaí, bhí a dhealg sáithte aige ionnamsa uaidh sin amach. Chreid sé i gcomhnuí gur mise an ceann-feadhain a bhí ann. 'Ar ndú ní raibh sé ag dul i bhfad amú

ach oiread. D'íoc mé ann ag an scoil. Uair ar bith a bhfuair sé deis ar bith orm, 'sé nar leig ar cáirde é, ach bruicneáil bhuailte a thabhairt dom féin. Bhí an catmara críochnuighthe orainn freisin agus a dhul ag cur araoid' ar bith ar a chuid chlaidhtheachaí … /[Ó tá an dealg sáithte aca innte anois, níl aon-rún aca an Gearmánach a leigean uatha gan céir a fhágáil air. Déanfaidh siad é freisin, feicfidh tú féin. Go lá speirthe na gcut aríst, ní bheidh aon-smeámh ann.] Is mór an feall muis. Marach an raibh in a aghaidh thiubharfadh sé siúd cnáimh le creinneadh dóibh. D'fhága sé cnead ionnta mar a bhí sé /[Deilgní uiliog an áit sin soir = tá sé faoi chrígheannaí agus faoi dhriseacha agus faoi thomacha as éadan]/ Má theigheann tú isteach i lár na ndeilgní sin, fágfaidh siad ciréim ort. Diabhal bréag nach bhfágfaidh / Ag plé le deilgní atá mé annsin thuas ó mhaidin. Tá an cúl thoir siúd faoi dheilgní ar fad. Tá sé cho maith féachaint le bail eicínt a chur air anois. An-phíosa talmhana a bheadh annsiúd dá réidhtighthí é. / Baile na nDeilgne a thiubharfainnse air. Bhí mé ag bainis ann agus níor léir dom tada ann ach droighean agus driseachaí /[Sin í tír na ndeilgní a mhic ó. An raibh tú i gC. ariamh. Níl ceo dhár dhealbh an ghrian ann ach saileánach agus droighean agus sceacha] agus catógaí mar adeir siad féin. Maidir le bruic agus sionnaigh is ann atá a dtabhairt amach … Bail ó Dhia ar do réidhteach. [Ní bheadh a bhfuil de roschoill agus de thomachaí annsiúd réidhtighthe faoi cheann deich mbliana]/[Cé a tharraing na deilgne sin isteach ar an tsráid. Tá beatha cos ionnta sin muis, mara mbí sib ins an áirdeall]/ Cá'il an áit agad l'aghaidh caorach: ins na breachlachaí sin siar, ab eadh. Cuir ann iad má's leat do chuid olna a bheith ar na deilgne / Tá an ghráinneog faoi dheilgne uiliog. / Níl aon-gharrdha ag gabhail leis nach bhfuil faoi bhrat deilgne. Agamsa atá a fhios sin. Shiubhail mé a bhfuil ag gabhail leis. Má shiubhail féin ní ingan fhios do mo chuid éadaigh sin /[Níl sé ionrásta a dhul chuig an teach aige anois chor ar bith le deilgne. Bhiorruigh sé an iothlainn le sceacha, agus strachail na gasúir nó an gála anuas aríst iad agus tá an bóithrín druidthe leo anois.] Níl a fhios agam cé'n chaoi a seolann siad bó ar bith aca / Chuaidh dealg in mo chois (in mo láimh, in mo mhuineál, in mo rúitín, in mo sháil etc.) / Thóg an bhó dealg in a crúib / Níl a fhios agam céard atá ar an ngamhain sin maran dealg a

a theangmhóchadh leis / Níl aon-lá ins an aer nach bhfuil na cosa buailte suas aca le deilgne. Bíonn muid ag iarraidh orra na bróga a choinneál orra, ach níl aon-mhaith aca ann in a dheidh sin go ngreadaidh siad ins na buinn. Tá a shliocht orra / An bhfuil tú indon dealg a bhaint as mo mhéir. Seo biorán duit agus deasuigh anall annseo ag an solus /[Dealg a chuaidh innte an lá cheana. Tá sí ag déanamh braoin anois, agus ní féidir baint léithe go mbeidh an seile déanta aice.] Tá muid sáruighthe aige 'chuile oíche ag éagcaoineadh léithe /[Dealg sceiche a thóig sé an chéad uair agus ní thiubharfadh sé cead d'aonduine a dhul in a goire nó go ndearna sí cois bhocht ins an deire.] [Chuir mé ceirín léithe le cupla oíche ag ceapadh go dtarraingeochadh sé an droch-adhbhar, ach dheamhan cosamhlacht air scaradh fós léithe. [Níl ceirín ar bith adeir siad is fhearr ag dealg ná teanga an tsionnuigh dá mbeadh sí againn. Tharraingeochadh sí sin de ghort an gharta é, ach cá'il sí?] Sin é an buille.]/ Ní dealg chor ar bith é ach fleasc a chuaidh faoi m'ionga an t-am a raibh mé ag pléidh leis an bhfeamuinn dearg. Cé beag dhom a dhonacht arsa tusa. Mar a chéile an ballséire agus a ghiolla. Tá cur-faoi-ionga anois deanta aice ar chaoi ar bith /[An uair a bhainfeá amach ba cheart duit é a chaitheamh siar taobh cúl do chinn in aghaidh na tubaiste. [Dá mbadh indán agus go mbadh tairnge a bheadh ann 'séard a bhí agad a dhéanamh leis é a chur isteach i bhfata fuar agus é a leagan ar an drisiúr.] Dhéanfá an cleas céadna leis dá mbadh i gcrúib bó a bheadh sé]/ Chuirfeadh sé dealg faoi do shúil dhá n-abruightheá é sin leis. Is gearr an mhoill a bheadh air / Chuaidh dealg in a cois = déarfaí é le páiste caidéiseach a bheadh ag fiafruighe céard a bhí ar a mháthair nó ar bhean eicínt eile a bheadh in a luighe seoil / Chuaidh dealg in a cois indé a mhuirnín agus ní bheidh sí chuice féin go ceann seachtaine /[I sean-scéal tá cur-síos ar fhear agus ar bhean ag siubhal na coille agus é ag cinnt ar an mbean cathú a chur ar an bhfear cé nach cheal a shaothruighthe é. Ins an deireadh chrom sí síos. "Céard atá ort" adeir an fear. "Dealg a ghabh in mo chois" adeir sí, "agus ní fhéadaim a bhaint amach." [Chuaidh an fear dhá bhaint amach di, agus sin é an chaoi a bhfuair sé fios di de'n chéad-uair]/[Bhain-feá dealg amach lena scaltrachaí a bhí ann = bhí an teintreach cho greadánta sin] agus go bhfeictheá an dealg in do mhéir nó in do chois /

Dealughadh, dealachan: Briathar Coimsidhe; ainm-bhriathar.
Dealughadh: scaradh; imeacht ó … nó as … ; bailiughadh le (leat agus rl.); ruaigeadh;
; scoilteadh; roint.

Tá sé dealuighthe leis a{r fa}d as seo = imighthe; bailighthe leis; bánuigh
Cá'id dealuighthe leis é. Bhí sé annsin ar maidin / Chaithfeadh sé gur ghearr
dealuighthe léithe í. 'Sí a chonnaic mé ag dul siar agus mé ag te{acht} aníos an
Nach gearr an mhoill a rinne sí. Ach cé'n mheanmna a chas aniar chor ar bith
í? /[Is mór is fiú an bitheamhnach sin a bheith dealuighthe leis. Dhá
bhfanadh sé sin oíche in 'u' (: bhur) mbuil, ní dóigh rud dhá ndéanfadh sé
ná achrann a tharraint. Bíonn goin ar an diabhal sin i gcomhnuí]/
Ab shin é a chonnaic mé ag dealú leis suas an t-árd. Bailigheadh leis
anois. Ní fearr timcheall na mbólaí seo é sin. [Ceo ar bith marach
mbeadh sé te nó trom, bheadh sé árduighthe leis aige. Tá sé sin buille
luath lámhach a mhic ó mo chroidhe]/ Dealuigh leat anois. Níl muid dot' iarr
-aidh. Is beag an ghnaoi atá annseo ort, dhá mbeadh a fhios agad é /[Níl
na ciarógaí dealuighthe go fóill, aindeoin an chaoi a chuir an dochtúr siúd
ar an teach. Ó a rinneadh é sin leis, níor chuala mé aon-chr{?}g{?} ann
ó shoin.] [Is cosamhail gur mharbhuigh sé iad. Shíl mé go dtiubharfadh sé
froisín faoi na ciarógaí freisin], ach níor thug, nó má thug tá siad ar ais
aríst / Ní miste dhuinn é ó a dhealuigh siad leo. [Bhí faitíos mo chroidhe
orm an fhad agus a bhí siad istigh, agus a raibh de shíothmálachaí {aca}, go
dtarraingeochaidís achrann istigh faoi chaolachaí an tigh againn.] An bhfac{a}
tú a leithidí de bhrúisceanna ariamh? / Níor dhealuigh an bruithtíneach
léithe fós = dealuigheann tinneas, olc, fearg, agus rudaí mar sin le
duine, ach dealuigheann cara uait /[Níor dhealuigh na diabhail de
dhoigheachaí seo liom fós. Tá an tseachtain saothruighthe go maith agam
{?}éid a shliocht orra: Tiubharfaidh mise gaoth bhuird amach dóibh
Dia Sathairn seo chugainn faoin a bheith slán dúinn]/ Dhá ndeal{uigh}
an bhruithtíneach seo le na gasúir — shílfeá gur roighin uaithe — b'fhéidir
go mb{u}ailfinn siar ar cuairt chugaibh. Ach dheamhan goir a{gam} corruighe
anois. Tá anró le fáil uatha, go leigidh Dia slán na {daoin}e! /[Dhá
ndealuighea{dh} an slaghdán seo léithe, b'fhéidir go dtiubharfadh sí "battle"
eile, ach tá aois mhór aice. Mar sin fhéin, dheamhan a dhath mairg' a
bhí uirre nó gur bhuail an ruaig sin í]/ Ná bac leis an gcailín {?}
le duine ó a bhuailfeas sí aon-uair amháin é. Níl leigheas i gcíonn {na}

h-eitinne. Duine ar bith a dtiocfaidh sí in a chrioslaigh is fear réidh é. /
[Is deacair leis an gcasacht dealughadh leis. Tholg sé slaghdán cupla mí ó
shoin, agus ghreamuigh an chasacht dó ó shoin.] [Shílfeá muis go bhfuil a dhóthain
clúdadha air, agus gur diadhachta di (: do'n chasacht) greamú dó ar an
gcaoi sin] / Ní dhealóchaidh na crochaillí seo liom nó go gcaithidh mé
braon sean-fuisce. Sin é a chuirfeas aníos a bhfuil de
réama síos i mbéal mo chléibh. Meastú cé'n dóigh ab fhearr
dom anois a dhul dhá thóruigheacht /[Ní bhfuighidh tú sásamh ar bith
air; nó go ndealuighidh an ghrís siúd leis. Is truagh Mhuire é léithe.
[Ní fhaghann sé suaimneas oíche ná lae uaithe, ach ag tochas
go h-acht agus go h-áirid]]/ B'fhéidir dá ndealuigheadh an méid sin
uilc leis, go suaimneochadh agus go dtiocfadh sé 'un sástacht aríst.
Ach cho uain agus a bhéas an daol sin ag spochadh leis, níl aon-
cheart le baint de. Sin é a bhealach: taghdannaí mar sin;
ach cho luath agus a leigeas sé faoi aríst, níl aonduine faoi'n
domhan is síodamhla a bhíos ná é /[[Is deacair le na h-araing
-eachaí sin dealú amach le creatlachaí duine. Is minic a bhain
siad mí asamsa. Daighean mé go mbaineadh. Agus níl aon-
leigheas ó fhlaithis go talamh orra, ach cead aca a seal a
thabhairt]]/[Nach réidh a dhealuigh an treoch len a cuid patairí seo thíos.
Dar príosta rinne sí éascaidheacht mhór leo ar scáth coicíse.] Is minic
a chonnaic mise ag baint ráithe mhóir fhada as gasúir í. Marar chas
fear an chapaill bháin léithe (: bíonn leigheas an treoch ag fear capall
bán) /[Ní dhealóchaidh na gága sé liom go deo nó go ndealuighidh mise
leis an láighe. Sin é a bhfuil de leigheas orra. Maidir le do chuid
"vaseline", níl ann ach a bheith ag milleadh do lámha leis. Sin é an
méid]/ Ní dhealóchaidh an smál sin leo choidhchin nó go ndealuighidh
siadsan amach as an teach sin ar fad. [Ní ag comhaireamh na
h-anachain é, d'imigh a gceart orra le cupla bliain: beirt mhac
agus an t-athair, agus a raibh d'eallach ag gabhail leo.] Is millteach
an díleághadh atá orra, ní dhá roint leo é /[Shílfeá nar dhealuigh galra
an tairt fós leis. Chonnaic mé thíos aréir é agus é ag slugadh. Ní raibh
duine ná deoruidhe ag coinneál chomhlódair leis, ach é ag diúgadh a
phionta leis annsiúd / Tá "na Gaedhilgeoirí" ar fad dealuighthe leo a{bhaile}

Ní fearr beirthe é. Beidh suaímneas ag na daoine aríst go ceann bliain eile /[[Tabhair cead dó dealachan leis ar fad. Is fearr faoi dhó a bhéas na daoine dhá fhuireasbhaidh,] ar scáth a bhfuil sé indon a dhéanamh. Is mó atá an ceann céadna a mhilleadh ná a leasú fúinn / Ní dhealóchaidh siad sin leo nó go bhfágaidh siad ciréim ar dhuine eicínt. [Is maith ábalta na buachaillí iad, agus mise i mbannaí nach gceilfidh siad lúd a láimhe ar dhuine ar bith a chuirfeas aon-araoid orra,] ná gan araoid ar bith má chaitheann siad in a gceann é / [Dá ndealuigheadh an "boss" leis chor ar bith, dheamhan smeach a dhéanfaí aríst nó go bhfeicthí ag teacht é.] Siúd é an áit a raibh an saoghal. Ba é an t-airgead ab fhusa a shaothruigh mé ariamh é / Tá sé le dealú leis ambáireach agus má tá féin dheamhan mórán a chaoinfeas cuid againn in a dhiaidh. Is beag nar chuir sé thar bharr mo chéille mise ar aon-chor. Is mé a chaitheadh a dhul ag freastal air, an uair a bhíodh an dream eile reicthe aige / Ar chuala tú faoi Sh. Tá sé dealuighthe leis agus fiacha fágtha in a dhiaidh aige is 'chuile áit ar fud an D. ['Chuile dheoir óil dár thóig sé, níor íoc sé sciúrtóg dhó (: dhe).] [Nach diabhaltaí tuatach an mhaise dhó lascadh leis mar sin agus ualach de'n tsórt sin a fhágáil in a dhiaidh]/[Mara ndealuighidh tú leat anois a ghrabairín, beidh scéal agad air. Is deas iad do bhéasa. Ag iarraidh bior dearg a chur síos le mo dhruím.] Rún atá agad mo bhruith agus mo loscadh. Chonnaic mise gasúir ámhuill-eacha go minic ach ag an Diabhal go raibh sibse — croisim aríst sib! — sháruigh sib a bhfaca mé ariamh]/ Shílfeá má tá fútha imeacht imbliana go bhfuil sé in am aca a bheith dealuighthe leo feasta. Nach bhfuil 'chuile choláiste agus scoil oscluighthe anois. Déarfainnse gurb é an chaoi nach ndearna siad aon-mhaith / Is mé a bheadh buidheach dá mbeidís dealuighthe uaim. Is mór an tseanmóir iad 'chuile ré soluis. Mara mbeidh 'chuile shórt ar a mian aca, bíonn siad ag clamhsán agus ag casaoid, agus tá a fhios ag mo chroidhe go mb'fhearr do dhuine uaidh iad / Tá sé dealuighthe soir an bóthar. [Ar an dá luath agus ar dhealuigh sé soir an t-árd, leag sé ar na buinn é]/ Bhí deis annsiúd a dhealóchadh an droch-choirce ó'n gcoirce ar foghnamh ar an bpuínte boise. Cineál machine a bhí ann / Is deacair an bheirt anois a dhealú ó chéile /[Séard a theastóchadh deis eicínt annsin a dhealóchadh an droch-bhainne ó'n deagh-bhainne, má's cúrsaí de'n tsórt sin é. Ach níl leath-chreisteamhaint agam féin go dtolgann bainne daoine ar an gcaoi sin.]

[Tá madadh aige siúd agus dhealóchadh sé na caoirigh buineanna ó na réitheanna le ionntú do bhoise. [Dhealóchadh, dhá mbeadh míle caora ann. Chonnaic mé dhá dhéanamh thuas i lár na h-easca é]/ [Caithfidh tú na h-uibheachaí glugair a dhealú ó'n gcuid eile, má's leat a leagan síos (: faoi chirc).] Nó an brath ar a gcur síos thrín a chéile atá tú.]/ Dealuigh amach na fataí a bhfuil na súile ionnta ó'n gcuid eile, nó go ngearraidh mé iad. Seachain a bhfágfá aon-cheann a bhfuil aon-tsúil ann in do dhiaidh. /[Ní dhealóchaidh sé as sin nó go ndealuighidh an ball dubh leis an bhfeadóig.]/

Dias [Déas adeirtear i gcomhnaí] = ainm-fhocal; fireann; geineamh-
nach uathaidh: déise. uimhir iolraidh: déasachaí. ["Déas" adeirtear
san ainmneach]
Dias: an chuid de'n arbhar a mbíonn an gráinne ann.

Tá an coirce indéis = teagann déas ar an gcoirce thar éis a
bheith i gcraoibh dó / Tá an coirce ag dul (nó ag teacht) i
ndéis = tá an coirce ag dul 'un déise / Dar brigh an leabhar tá an
garrdha sin thoir ar fad i ndéis. Le seachtain muis a chuaidh sé indéis /
Is gearr anois go gcuiridh sé déas amach — go dteighidh sé indéas /
Bíonn an déas cruinnighthe in a mogall san eorna, sa gcoirce
agus sa seagal. [Níl le déanamh agad ach breathnú ar ghort ar bith agus
feicfidh tú féin é]/ I gCrích Lochlainn atá an chuach anois. Ní imigh-
eann sí as seo go dtugann sí déas in a béal léithe = Deirtear
nach n-imigheann an chuach as Éirinn nó go mbíonn an t-arbhar i
ndéis /[Tá an chuach ar fáil. Ní imeochaidh sí aríst nó go mbeidh
déas ag imeacht in a béal aice. Is fada é sin i mbliana]/
Cuireann an phis chapaill déas amach freisin / "Is maith é an
congnamh lá na déise" = [sean-fhocal]. Is maith an rud congnamh
a bheith ann leis an arbhar a chur ar an iothlainn nó leis an
arbhair a bhaint. An Chailleach Bhéarra adubhairt é sa gcais-
mirt a bhí aice leis an mbuachaill /[Ní bheitheá agam lá na
déise leath cho maith, ach, mo léan tiocfaidh tú lá na méise]/
Feicfidh tú é sin 'chuile lá ach lá na déise: an lá a mbíonn
an chruadhóg ann / Tá mé ag baint corr-dhéas as = ag tosuighe
ag baint an arbhair / Beidh sé in am déas a bhaint as lá ar
bith feasta = in am a dhul ag baint an arbhair / Ní mór dhom
a dhul ag baint déas as anois. Tá sé in a bhainne bhán / Níl tú
ag brath air a dhul ag baint aon-déas as, ná eile. Má theigheann
féin ní bhainfidh tú glas as é / Tá sé thar am déisín a bhaint
as. Nach bhfuil sé ag tuitim dá cheann?]/ Tá camóig ar bharr
'chuile dhéas ag gabhail leis. Sin é a d'innseochadh duitse go bhfuil
sé in alt a bhainte. Cho luath agus a fheicfeas tusa an chamóig, bí ar
do dhearnachaí annsin / Tá sí in a ceanna déas ar fad (fc.
ceanna) / Tá cáith na déise ag tuitim. (fc. cáith) /

Dearga daol [: ach chuala mé dearg daol gan an "a" lár báire (a) chor ar bith
roint cuarta]: ainm-fhocal, fireann; tuiseal geineamhnach uathaidh
: an dearga daoil; Uimhir iolraidh: dearga daoil is
iondamhla, ach tá deargaí daol freisin ann.

Dearga Daol: sórt ciaróige, tuairim agus fad do chorr-mhéire. Dhá rud mara
bheadh dhá adhairc amuigh chun tosaigh air, agus dath dubh air. Deir
Foclóir an Duinnínigh "lady bird" (Con.), ach ní hé an dearga daol an
"lady bird". Bóín Dé, nó Bóín Mhuire atá ar an "Lady Bird."

D'fheicfeá dearga daol is 'chuile áit. Is minic a bhíos siad ag snámh ar
an urlár annsin. Bíonn brat aca i móin freisin. Níl sé
dhá lá fós ó a chonnaic mé maistín de dhearga daol annsin
amuigh ar an mbóthar. Brugh do chois air sin is 'chuile áit dhá bhfeicidh
tú é. Is ceart é a mharbhú. Leis an Diabhal an dearga daol.
Nach ndearna sé feall ar Mhac Dé! = Creidtear seo. Buailtear cois
air i gcomhnaí / Dearga daol ab eadh! Tá gath 'sa dearga daol amuigh
in a chloigeann. Diabhal gath a chuir sé ionnamsa ariamh, ach chonnaic
mé daoine ar chuir sé ionnta é /[Bhí beirt cheannaidhe ag dul an
bóthar fadó. Thosuigh siad ag sáraidheacht. Dubhairt ceann aca go
mb'fhearr an bhréag ná an fhírinne. Sháruigh an ceann eile air
nacharbh fhearr. Fágfamuid ar bhreitheamhnas an chéad rud a chasfas
linn ar an mbóthar é, adeir duine aca. Tá go maith adeir an ceann
eile. Chuir siad geall as. D'imigh leo dhá siubhal ionnsaidhe. Ba
ghearr go dtáinic siad ar dhearga daol ar an mbóthar. Chrom an
ceannaidhe bréagach síos. "Cé is fhearr an fhírinne ná an bhréag" adeir
sé leis an dearga daol. "An bhréag, go' deile", adeir an dearga
daol. Sín amach mo gheall agam, adeir an Ceannaidhe bréagach
Shín. Scar siad len a chéile. Ba ghearr a chuaidh an ceannaidhe
bréagach, nuair a thosuigh sé ag cur scrúdaidh air féin. Dheamhan
easna dhó nach bhfilleann ar a chois aríst, nó go dtáinic sé suas
leis an dearga daol. Cromann sé síos agus baineann sé póg dó.
Ghreamuigh an dearga daol dhá bhéal. Is gearr go raibh seacht
mbrat dearga daoil air, agus bhí siad dhá ithe isteach go grinneal.
Cuireadh fios ar an sagart dó. Tháinic an sagart. Nuair a chonnaic

sé an deis a bhí air, chuaidh sé amach as an seomra agus thosuigh sé ag léigheamh a leabhair. "Gabh isteach" adeir sé leis an gcailín faoi cheann tamaill "agus feacha cé'n chaoi a bhfuil sé." Chuaidh an cailín isteach. "Tá sé faoi dhearga daoil ar fad" adeir sí. "Níl sciolltar fágtha air, nach bhfuil ithte dhó." Léigh sé leis eádradh eile. "Gabh isteach anois" adeir sé "agus feacha cé'n chaoi atá air." "Tá fiche brat dearga daoil anois air," adeir sí. "Níl ann ach na cnámha geala. Is gearr an bás uaidh." "Tá an cholainn ag an diabhal," adeir an sagart, ach beidh an t-anam aghamsa dhá bhuidheach -as." Tháinic an oiread eile díocais air ag léigheamh … [Scéal a fuair mé ó m'athair faoi na dearga daoil]]/

Dreóghadh, dreóghchan, dreóighte agus rl. = Briathar, Ainm-Bhriathar. Dreóghadh: rodadh, eirghe támáilte, tosaighe ag lobhadh nó blas a theacht ar rud, go h-áirid ar fhéar, ar arbhar agus a leithidí eile [Breoidhte, dreoighte: cho fada agus a bhaineas sé le féar agus arbhar tá an dá fhocal ar aon-chéill amháin anois ag cuid mhaith daoine. Ach tá idirdhealú ann ag cainteoirí barainneacha fós. Is measa a bheith breoidhte ná dreoighte. Nuair a bhéas féar cuirigcás breoidhte, beidh baladh air, agus é ag lobhadh go tréan. Ní íosfadh tada é. Ach le bheith dreoighte dhó, ní bheadh sé baoghal air cho dona sin. Bheadh beagán baladh ag teacht air, agus é ag tabhairt uaidh. Ach ní bheadh aon-chol an-mhór mar sin ag beithidhigh leis mara mbeidís ag fáil fuighleach len ithe. Teigheann sé as an dreoghchan issan mbreodhchan, agus bíonn sé ó mhaith annsin]

Má fhágann tú an ghlaicín choirce sin thoir 'san tseidín sin, dreoghfaidh sé. Dreoghfaidh agus go maith. Teagann faoi 'chuile rud annsin, hé brí cé'n t-údar atá leis. Ní gnatha tada a fhágáil ann aon-achar / [Diabhal a leagfadh sí smut air! Deirimse leatsa dhá mbeadh a díol ocrais ar an gcailín sin (: capall) gur beag an locht a gheobhfadh sí air, má tá sé buille dreoighte féin. Mise i mbannaí gur gearr a bheadh a chapall seo thíos in a éadan. Caith amach ag na h-asail é, agus ní bheidh siad i bhfad leis]/ Tá plaicín ghabhair

déanta agaibh de'n choca sin, a fhiosacht daoib go bhfuil an coca eile dreoighte. Meastú cá bhfuighidh sib beatha beithidheach amach annseo ar dhubhluachair na bliana. Gheobhaidh sib í ar mo shonsa /[Fuair sé an iomarca amluadha. Sin é an rud a dhreoigh é. T'anam ó'n Diabhal nach raibh an ghail bhruithte ann ag dul 'sa gcoca. Theighinn suas 'chuile lá thairis, agus mé ag ceapadh go bhfeicinn púir as, ach dheamhan téigheadh a rinne dhó in a dheidh sin. Ba mhór an t-iongnadh muis]/ An gceapann tusa nach bhfuil an coca sin dreoighte? Bíodh unsa céille agad! Bhí sé thrídh lasadh le téigheamh, an lá th'éis a chur isteach. Ní dhranfaidh aon-bhó leis sin, ach go mb'fhéidir dhá mbeadh slam d'fhéar ar foghnamh agad le cur thríd, go mbréagfadh sé iad / Cé'n áit a bhfuightheá síol. As an síomhaisín coirce sin atá dreoighte as éadan. B'fhearr dhuit an ithir a fhágáil in a comhnaí ná a dhul dhá chur ann /[Níl aon-chruach choirce istigh ar an mbaile — ná 'sa tír 'sa gcás sin — nach bhfuil ag dreoghadh anocht. Rug an múr sin ar 'chuile dhuine dhá thárlú isteach. Diabhal an bhféadfadh a bheith folláin dó agus an t-uisce a fuair sé. Scaoiltear amach aríst amb-áireach é; sin é a bhfuil le déanamh leis]/ Dreoighte! Níor cás dó a bheith dhreoighte, ach tá faitíos orm go bhfuil sé breoidhte féin / 'Bhfeiceann tú an féar sin? Rinne sé dreogh -chan riar orm. Bhí an-aimsir ann nuair a bhain mé é, ach bhí deabhadh orm go dteighinn in éadan móna, agus bhuail mé ar a chéile é cho h-éascaidh in Éirinn agus a d'fhéad mé. Diabhal mé gur shíl mé go bhfuair sé neart gréine agus fuair, ach ní fuláir dó an t-ionbhadh a fháil in a dheidh sin /[Níl milleán agam ar dhuine ar bith ach mé féin. Coirce beag a chuir mé 'san ngarrdha sin thoir, agus dhreogh sé ingráinne orm. 'Ar ndú' bhí a fhios agam sin agus a dhul dhá chur ann. Ní fhaca mé aon-tairbhe ariamh ar an gcoirce beag sin. Dheamhan an tuighe féin a bhíos dhá bharr.]/ Is gearr an t-achar é as seo go B. Chuaidh mé síos leis an gcarr ann. Cheannuigh mé trí folaigh coirce le' aghaidh síl. Thiubharfá an leabhar go mbadh é an chéad-

scoth é, agus badh é freisin. Ach lá dubh-fhliuch a bhí ann agus mé ag teacht abhaile leis 'sa gcarr. Faoi cheann trí nó ceathair de laetheantaí, bhreathnuigh mé air agus gan fios rúin ná soiscéil agam. Nár fhágaidh mé seo mara raibh sé 'tosuighe ag dreoghchan. Fhobair go gcaillfí mé leis an gcantal / Is fada an lá dreoighte 'sa gcreafóig é = lobhtha, imighthe [duine a bheadh curtha. Ach ní abruightear mar seo é ach go h-annamh. Tá sé an-choitiannta faoi choirce, féar agus eile] / [Dreoghadh = dʹrʹōˑ Ach deirtear greobhadh (: gʹrʹōˑ) amanntaí freisin. Dreoghadh, dreoghchan agus rl. leis an "d" atá ar fad i gCois Fhairrge, ach go rí-annamh]

Dreoighteacht (: dʹrʹōtʹəxd; gʹrʹōtʹəxd corr-uair): ainm-fhocal ag freagairt do'n aidiacht dreoighte, agus do'n bhriathar dreoghadh = rodadh; támáilteacht; téidheadh; meath-lobhadh, blas colamhail.

Nachar dhubhairt mé leat go mbeadh dreoighteacht air, agus ní chuirfeadh fear agus píce iallach ort a leigint amach aríst in a dheidh sin. Oibrigh ort anois! A chomhairle fhéin do mhac dhanra agus ní bhfuair sé ariamh níos measa. Ara diabhal dreoghchan ná dreoghchan ar an bhféar sin. Céard a bhéarfadh dreoighte dhó, scáth an dá bhraoinín báistighe sin a buaileadh air. M'anam dhá mbeadh dreoighteacht air, gurbh fhurast aithinte é / Ní dreoighteacht féin atá air, ach tá sé in a chreathnach. [Tá a fhios agadsa é a T. Bhí tú ag gearradh na gcriosannaí ar na dornáin indiu. An bhfuil a fhios agad céard adubhairt fear an "Thrasher" faoi nuair a bhí sé buailte aige. Níorbh fhiú dhuit cailleadh leis len a bhualadh, adeir sé]/ Tá sé ag tarraint soir i bpas anois, nach mbeidh aon-dreoighteacht ag dul do'n arbhar ann, soir 'sna P. sin. Bíonn an chéad-scoth annsin. Ach 'sé an rud céadna leis siúd é an chéad scoth nó an cúigeadh scoth. An t-airgead céadna a bhaineas sé amach /[Má airigheann sí sórt blas dreoighteacht' ar bith ar an ngábhail a leagfas tú chuice, ní bhalóchaidh sí dhó amháin. Tá sí cho h-éiseallach leis an duine. De chineál caiple an-fhuileamhail í sin. Ó stail Ph. Mh. Mh. í.]/

Dosadán = ainm-fhocal, fireann, geiniúnach uathaidh agus ainmneach iolraidh: dosadáin
dosadán = dosán (fc. dosán); briongláin feamainne go h-áirid
(fc. giosadán).

Tá dosadáin mhóra choirlighe annsiúd / Curach a theastóchadh uaib agus corrán
maith le na dosadáin siúd a bhaint. Tá siad an-uaibhreach ann /
"Ní ar dhosadáin na feamainne
Ná ar ghustaireacht na farraige
Ar cheilp ná ar bhaint an charraigín
A tóigeadh mé i dtús mo shaoil" [amhrán gearabalach é seo]
Tá dosadáin móra raithnighe ag fás thríob. Is mór an ghráin iad /
Bainigidh na dosadáin bhuidhe sin nó is gearr a bhéas aonduine
indon an garraí a shiúl aca. Droch-rath orra marab iad atá
uaibhreach. Ní fhaca mé cho dona ariamh iad agus atá siad i mbliana /.

Deas (: d ′ as, d ′ æs): aidiacht = (i) breagh, scéimhiúil, slachtar, dathúil agus rl.
(ii) an taobh deiseall. (iii) taobh na láimhe deise. (iv) deis (cluiche fc. deis)

Tá sí go deas / Bean deas í / Áit dheas é / Curach an-deas í / Meastú
[cé's is deise do chapallsa ná mo chapallsa? / Amhrán deas é sin /
Sin é an teach is deise ar an mbaile / 'Sé an fear is deise
clann inghean san tír é / 'Sé an áit is deise teach é ó Gh. anoir /
'Sé an fear is deise guth in do thír é / Ba é an té ba deise craiceann
dhá raibh annseo ariamh é / Tá sí cho deas le nuallóig (fc. nuallóig) / Is
deas liom í. Déarfainn go mbeadh sí an-leitheadach / Is fearr
beag deas í ná mór gránna (: bean) / Cailín deas í / "Ólfaidh
mé agus tú sláinte chúil áluinn mo chailín deas" (: líne as amhrán)]/
Is deas an aimsir í, (lá, oíche, cruach mhóna, bád agus rl.) / Tá sí
deas caointineach (: bean. Is minic a cuirtear deas mar aidiacht
tacaíochta le aidiacht nó aidiacht-bhriathar eile leis an aidiacht
eile a neartú) / Is lághach deas an fear é / Is mín deas an sórt
bean í / Is deas mór an gamhain atá aige anois / Is deas déanta an staic
de mhac é sin aige, bail ó Dhia air! / Ba deas meabhrach an gasúr é ag
eirghe suas dó /[Is deas gleoite an cailín í / Is deas leigthe an capall í /
Is deas cuíbheamhail an fear é]/ Is breagh deas an chulaith éadaigh

atá air / Is deas tóigthe atá an claidhe sin aige / Is deas óg an fear a fuair sí aindeoin bun-aois mhaith a bheith aice féin / Ba deas fáilí an mhaise dhó é, 'mo choinsias, agus gan aithne ar bith aige ort / Cailín bán-deas í /[Is deas reamhar atá sé ag coinneál i gcomhnaí]/ Is deas croíthiúil an sórt duine é i gcomhluadar ar bith / Is deas tobann a bhuail sé é / Is deas sciobtha uaidh a thiom-áilt (: thiomáint) / Ba deas éascaidh uaidh obair a dhéanamh go ndéanaidh Dia grásta air / Is deas stuama an sórt duine é / Is deas gangaideach an trathnóna é = gangaideach go maith / Tá sé deas fliuch anois agaibh le dhul amach / Is deas meanmnach a tháinig sé anoir an bóthar trathnóna, agus é ar a bhog-mheisce / Nach deas tráthúil adubhairt tú é! / Ba deas puínteáilte a chuir sé isteach an chloch sin / Is deas tóigthe an dá ghamhainín iad sin / Ba deas spéiriúil an bromach a bhí annsin an lá ar cheannuigh sé é / Nach deas roighin uaidh siúl! / Madadh deas socair é / Bean deas chonscluithe í / Tá "tae-pot" deas buí aice, agus ceann gorm / Feairín deas ruadh é, bail agus beannú air / Nach deas bladarach a shíl sé an chluain a chur orm. Ach ní dheachaidh leis // Is deas thú! = níl aon-chuma ort féin (ar do chuid éadaí, ar do cheann aghaidh, ar do chuid oibre, ar do chuid cainte agus rl.) / Is deas é, mo choinsias má's ag imeacht ag ól faoi agus thairis atá sé anois / 'Deimhin is deas thú! Tuige a mbíonn tú ag gráiscínteacht mar sin i gcomhnaí / Is deas é, má's sin é an chaoi a bhfuil sé indon pláistéaracht a dhéanamh faoi dheireadh / Is deas thú anois dhá bhfeictheá thú fhéin! / Is deas í dar fiadh, má sin é a béas! / Is deas é gan bhréig gan mhagadh! Ag imeacht ag sioscadh bréag mar sin! / Is deas é "m'fhear fataí" muis! M'anam má tá gur ag imeacht in a spailpín atá sé! = ní fear fataí é chor ar bith, ná baol air. Is spailpín é / Is deas é mo shagart muis! M'anam gur ag imeacht ag reathach indiaidh gearrchaileadha 'chuile oíche ar na bóithrí é! Deamhan a chos siúd a bhéas in a shagart fhad agus a bhéas Peadar i gcathaoir / Is deas é mo mháistir scoile muis! Dubhairt sé go raibh sí le máistir scoile a dhéanamh de. M'anam gurb í an scoil atá anois aige, thuas ag réabadh móin uicht annsiúd thuas gach lá [Is iondúil go gcuireann an cainteoir "mo" isteach i gcomhnaí

le leagan de'n tsórt seo cé nach mbíonn baint ar bith aige leis an duine a bhíos i gceist, nó is annamh a bhíos. Is ionann an leagan agus "mo chreach an máistir scoile (sagart agus rl.) a dhéanfas an duine sin"] / Is deas iad mo dheich bpunt muis. Fuair mé h-ocht bpunt gan leithphighinn aige ná uaidh = shamhluigh an fear eile leis go bhfuair sé deich bpunt ar an mbeitheach] / Is deas é mo dhá "phíosa" fataí! An bhfuil "píosa" fhéin ann? / Is deas iad mo shé pholl. Bhí an gairéad ariamh aige. Caithfidh sé an comhaireamh a bheith aige i gcomhnaí. Níl trí poll maith fataí ag gabhail leis // Is deas a d'imir sé ort / Is deas a bhuail sé isteach ar an smut é / Is deas a thug sé an bord sin leis isteach (bád) /[Is deas uaidh amhrán a rádh / Is deas atá sé ag fáil na h-oibre leis / Nach deas a deirigh sí leat. Tá mise ag tóraíocht speile le mí, agus chinn sé dubh agus dubh orm aon-cheann a fháil / Is deas a d'eirigh posta glan fiuntach leis faoi dheireadh thiar thall]/ Tá sé ag tabhairt taobh an tí anoir go deas leis /

"Nach deas adúirt plandóigín na gcíocha míne bán
Ar fháisciú (: fáisceadh) a dhá láimhin agus barrú a cúig méar
Ag cur scáth ar an gcás len a raibh sí ann i bpéin
Scéal cráite air, is láidir an snaoisín é" [ó Bheartla Ruadh Ó Fhlaithbheartaigh, Camas. Nuair a tháinic Tomás Láidir 'Ac Coistealbha isteach ag athair Úna Bhán dhá h-iarraidh fuair sé ag gol roimhe í. Bhí fear eile istigh dhá h-iarraidh.

D'iarr an t-athair uirre sláinte an té ba mheasa léithe faoi'n domhain a ól, agus dúirt sí go mba é Tomás Láidir 'Ac Coistealbha é. Nuair a dúirt sí sin buaileann an t-athair iarraidh ar an mbéal uirre, agus thosuigh sí ag gol. Ach nuair a cheisnigh Tomás í faoi fhá a guil, dúirt sí go mba pinse snaoisín ba chiontsiocair leis. Annsin rinne Tomás giota de'n amhrán] / Nach deas a shíl sé fir a fháil a chúnamh dhó! / Is deas a thug mé néal chodlata liom th'éis mo dhinnéir inniu / Nach deas a gheobhadh sé bean agus gan slí gan fáltas aige / Nach deas uait magadh a dhéanamh! Diabhal bréag! / Is deas a chodlóinn píosa anois, dhá síninn ar an leabaidh / Is deas a d'ólfadh sé gloine fuisce anois agus bíodh sí aige / Is deas a dhaimhseóinn puirt anois dhá gcastaí dhom é /

Is deas an chaoi é go deimhin! Iasacht na n-iasacht. Ise ag fáil bainne uainne, agus dhá thabhairt uaithe arís / Is deas an bhail a chuir sé ort : a raibh agad a mhealladh uait / Is deas an scéal é: fear leath-choise ag dul ag pósadh / Is deas an deis atá air anois: gan fód móna ag gabhail leis nach bhfuil díolta aige / Is deas an cleas a rinne sé! Shílfeá gur beag an dochar dhó náire a bheith air]/ Is deas an rath ar a' (: ar) gcuid coirce é: asail na tíre dhá thaltú / Is deas an obair atá ort: ag caitheamh smugairlí le na daoine. Béidh a shliocht ort ach a dteagaidh t'athair. Gheobhaidh tú garbh é / Is deas é t'fhaisean; is deas sin. Dheamhan ceó a bhí le déanamh leat ach dhá leith a dhéanamh de do dhruim / Nach deas an béas a thug tú faoi deara dhuit féin: a dhul ag aithléamh ar na daoine. Tá an diabhal ag cur chathaí ort / Is deas an bealach atá len a leithide de chailín óg, dá mbeadh a fhios aice é! An chaile bhradach, ó's ise í /[Is deas an tógáil atá sí a thabhairt ar a cuid páistí! Is cinniúint uirre é, nó beidh siad in a gcneámhairí cho mór léithe féin / Is deas an aire atá a chuid laoghantaí a fháil uaidh. Diabhal bréag nach deas! A scaoileadh siar annsin siar 'sna breaclachaí raithní sin, nó go gcáilltear leis an ocras iad. Annsin tosaí ag rá nach mbíonn siad ag dul dó / Is deas an chóir atá air anois: gan fata ná meacan de bhlá bliana aige]// Tá sé ag iarraidh é fhéin a dhéanamh go deas leis an mbearradh sin / Má theigheann tú dhó go deas, b'fhéidir go bhfuightheá uaidh é / Má chuireann tú aighneas air go deas mín, tiúrfaidh sé toradh ort / Is mian leis obair a dhéanamh dho i gcomh-naí go deas slachtar. Níl aon-ghnatha ag putrálaí in a ghoire / Ba deas í mo cheird muis, ag brú sean-chaillí thart i gcáirrín! Dhá mbeinn gan aon-bhuille oibre a fháil le mo ló, ní dhéanfainn é // Déanfaidh sé é. 'Sé atá deas air! = tá sé go maith dhá dhéanamh; is aige atá a fhios len a dhéanamh; tá fonn a dhéanta air [Tosaíonn an leagan seo i gcomhnaí le "is" nó i ráití coibhneasta le "tá" .i. "Is fear é Seán atá deas ar an obair sin a dhéanamh." Ach is annamh a bhíos an leagan coibhneasta seo féin ann, agus níor chuala mé an leagan neamhspleách ariamh .i. "Tá Seán deas ar a dhéanamh." Bíonn sé go minic ag ath-chainteoir san am a n-abróchadh an chéad duine: "Déanfaidh sé obair anois" (Freagra

ó'n ath-chainteoir: "'Sé atá deas air")] /[Bainfidh sé móin anois agus 'sé atá deas air bail ó Dhia air! Ach tobac a choinneál leis! / Ólfaidh sé foracún anocht, agus má ólann féin, 'sé atá deas air! Go deimhin ní chuirfidh sé aon-ghiorranála air, mar chuireadh sé ar an athair nuair a theagadh sé ar "turn" an deoch a sheasamh. "Chinnfeadh orm níos mó dhe a ól" adeireadh an cneagaire. "Airighim giorranála ag teacht orm fhéin" / 'Sé Seán atá deas ar iomramh. Is mór an spóirt i gcura (igh) é. Níl fear a bhárrtha annseo anois / Dar príosta má's é féin sé atá deas air! Breathnuigh ar an déanamh atá ar an teach sin. Gobáin iad na Beartlaíochaí ar a ghualainn. / Is tú atá deas air, bail ó Dhia ort, má thograíonn tú a dhéanamh. Thug tusa an damhsa ó bhuaile leat! Amach leat agus déan geábh]/ 'Sé a bheadh deas air, dhá bhfaghadh sé a shá len ithe. Ach sin é an buille! Céard a choinneochadh a shá len ithe leis. D'íosfadh sé siúd an tsá mhuimh-neach (an tsá bhuidhneach?) / Deasóidh S. G. dhuit iad! Sé atá deas air! Dheamhan gréasaí déanta inchinnte air! / 'Sé an mac atá deas air! Níl aon-ríochan leis! Níl aon-cheird amuigh nach bhfuil aige. / Is muid atá deas air! Tugaighidh aríst anois é, má's breágh lib é, agus gheobhaidh sib failm eile! (: cártaí) / Nach h-é atá deas air a mhic ó. Dheamhan duine dhá bhfuighidh sé siúd iarraidh air nach fear é a mbeidh suan air. Siúd é an buachaill aca! / Nár lagaidh Dia thú! Is tú atá deas air! Faoi do chois é a fhleascaigh! Faoi do chois é! // Tugaigidh deas dhom = deis (fc. deis cluiche) // Tá sé ar an taobh ó dheas de'n bhóthar = south side / Caithfidh tú a dhul ó dheas / Fan ar an taobh ó dheas (: bíonn ó leis seo i gcomhnaí. Ní abróchaí an taobh theas) / "Ar an taobh ó dheas de chéibh New York 'seadh a "landáilfeas" sé thall (as luibín "Hóra mhóra mhóra") / Gaoth andeas atá ann (gaoth aniar-ndeas agus rl.) / Tá an ghaoth buille ó dheas anois // An láimh dheas (an chois dheas, an chluais dheas, an ordóg dheas agus rl.) / Bhí sé ar an taobh deas de'n bhóthar = ar thaobh na láimhe deise de'n bhóthar = ar thaobh na deasóige / Torm (tabhair dhom) do láimh dheas = torm do dheasóg / Coinnigh ar thaobh na láimhe deise i gcomhnaí / Tá sé ar dheasláimh Dé anois = ar dheis Dé / Ar dheasláimh Dé go raibh a anam / Torm do dheasláimh / Mo chois clí nó dheas ní chuirfidh mé isteach ann le mo mharainn aríst = ní ghabhfaidh mé isteach ann /.

deibhil = ainm-fhocal, buineann, tuiseal geineamhnach uathaidh — deibhile.
Deibhil: aithdeal, claochmú nó calm sealadach ins an ngála nó ins an uair mhóir.
Is focal fairrge go h-áirid é ar an gclaochmú gála a thapuigheas bádóirí le
go bhféadfaidh siad rith cladaigh a thabhairt do'n bhád nó a theacht i gcaladh.
Is minic nach mbeadh sé rí-dhona ar an bhfairrge fhéin chor ar bith, ach a ngabhfadh
sé rithte le bádóir caladh a dhéanamh in a dhiaidh sin, de bharr bogadh a
bheith le tír. Bíonn sé ag forcabhás ar dheibhil an uair sin [Fuaim — dibhil — Ní feasach dom
an focal a bheith in áit ar bith ach in Árainn]

Tá an-bhogadh le cladach. Is deacair do churrach ar bith a theacht isteach indiu ach go
h-áirid. Cinnfidh sé orra mara dteagaidh deibhil / Tá sé in a dheibhil. Leagaidh
oraibh féin agus tiubharfamuid rith cladaigh di. Lá mór ceart é /
Anois atá againn a thapú ó tá an deibhil ann. Tiubharfaidh sé fuighleach
le déanamh a dhúinn, ach b'fhéidir go gcuirfeadh muid 'un caladh í mar
sin féin. Tá ciothréabachaí fairrge ann /['Nuair a fuair muid an
deibhil shrian muid linn isteach é, ach d'fhéach sé muid freisin. Marach an
deibhil sin fhéin a tháinic, ba í an fhairrge ar n-áit fós /[B'éigin duinn
fuirsheacht annsin ag maraidheacht na h-uaire, ag síleachtáil go bhfuigh-
eadh muid deibhil 'chuile phuínte, agus gan baoghal ar bith orainn.] An bhfuil a
fhios agad cá'id a bhí muid ann: Ó bhuilg an lae nó go raibh sé in a lán-
mhara. [Ní raibh an aimsir faoi dhúinn le a theacht isteach 'na clochair
chor ar bith.] Deibhil fhánach a tháinig an uair sin féin. Níl ann ach go raibh
muid indon clochar an bháid a dhéanamh]/ Ní raibh sé inrásta aca an
bealach a rith meireach an deibhil a tháinig. B'fhada a chaith siad ag
maraidheacht anonn agus anall i mbéal na trágha sul má d'fhéad siad a
n-aghaidh a thabhairt isteach. Má bhíonn lonnadh ar bith le tír, is olc an bealach í
an chuisle sin aníos. Chuaidh sé 'fhoisceacht mbeannuighidh Dia dhúinn muid
a chur soir ar an bhfearsaid, agus dhá gcuirtí, bhí ar gcuid bádóireacht ar
iarraidh /[Dhá dteagadh deibhil ar bith d'fhéadfadh dream eicínt a dhul
amach cho fada leo, ach ní raibh aon-bhád dhá rinneadh (dhár dearnadh) ariamh
indon é a mharaidheacht (: bharraidheacht?).] B'fhada a chaith duine aca ar
an gcarraig: nó gur árduigh an taoille tuile léithe an duine bocht. Ach cé'n
neart a bhí air. Céad fáilte roimh Ghrásta Dé /[Bhí an lá indiu indon an
bádóir is fhearr dhár stríoc seol ariamh a chur ar a mhiotal.] [Chaith an
ghleoiteoig tamall mór de'n lá timcheall an Ghuib, ag tnuthán go dtiocfadh sé in a
{dheibhil} 'chuile phuínte, ach b'fhada an fanacht aice é. Ar éigin a bhí siad indon
{?} ar bith /

Deilbh = ainm-bhriathar: briathar. Nuair is briathar é, bíonn an dá réimniú aige — réimniú ó nó f .i. deilbheochaidh mé, deilbhfidh mé (: dʼelʼəfʼə) /
deilbh = rud áirid a dhéanamh le snáth mar atá mínighthe fút thíos.

"An Crann Deilbh: de mhaidí coille a dhéantaí iad. Chaithtí a dtomhais le riail le fad áirid a bheith ionnta agus leithead áirid is na maidí treasna. Dhá chuaille a bheadh ann agus dhá mhaide treasna. Rinne P. M. Mh. ceann aca dhuinne annseo. Níl a fhios agam cá'il sé anois: ag imeacht is 'chuile áit a mbíonn deilbh le déanamh. Tá sé cho maith dhuinn anois sneachta a chaitheam ar a lorg chreidim. Ní deilbh a dhéanfas muide go bráth arís. Ní bheadh na gearrchaileadha sin indon aon-deilbh a dhéanamh …
Cur síos an tSnátha ar an gCrann Deilbh (nó crann deilbhe; tá an dá leagan aige): an dá chuaille a chur in a seasamh annsin le balla: ceann ag corr na fuinneoige agus an ceann eile tuairim agus ag giall an dorais. Ní bheidís cho h-árd leis an áiléar sin baileach. An dá mhaide treasna a chur suas orra : ceann in íochtar agus ceann in uachtar agus iad ag dul isteach ionnta in eangaí mar a bheadh leabaidh. Bíonn rungaí ar nós dréimre 'san dá mhaide a bhíos in a seasamh ar a n-éadan: an t-éadan de na cuaillí a bhíos leat. Bíonn buimbiléad tuighe ar an urlár agus dhá cheirtlín shnátha air, i riocht agus nach mbeidh an snáth ag dul ar fud an tighe ort. Ní dhéanfadh sé cúis duit tuinte fada na h-óinsighe a bheith aghad! Annsin tosóchaidh tú ag cur an tsnátha síos ar an gcrann. Crios a dhéanamh an chéaduair. Comhairfidh siad an oiread seo banláí (: bandles) de'n tsnáth — an méid banlá a bhéas le dul 'san eige (aige: 'ɴʼeɡʼə) sin. Cuirfidh siad síos an snáth sin ar an gcránn agus beidh siad dhá chur sin síos choidhchin nó go mbeidh a ndóthain thíos. Tosóchaidh siad ar an bpionna (: runga) íochtair ar an taobh seo — taobh na ciotóige — agus tiubharfaidh siad leo suas é ar na pionnaí — dhá chur orra ar fiar — ach gan snaoim (: snaidhm) ar bith a chur air ar an bpionna, nó go dteighidh siad go bárr. Anonn treasna annsin

agus anuas ar an deis chéadna ar an taobh eile ó runga go runga go
dteagaidh siad go talamh. Anall treasna go dtí an áit ar thosuigh
siad agus ar ais aríst ar an gcaoi chéadna, nó go mbeidh deireadh na
gclannaí thíos. Bíonn dhá phionna dhéag suas ar aoirde
na maidí. Scaithtí bheadh agus tuilleadh. Féadfaidh siad tuilleadh
rungaí a chur ann de réir (: léar adubhairt sé) mar a fheilfeas
dóib. Tugtar céadta 'sa deilbh de'n eige 'léar (: de réir) mar is
maith leat leithead a bheith ann. Féadfaidh siad h-ocht gcéad
(snáth) nó seacht gcéad a chur ann. Mara mbeadh ann ach seacht
gcéad ní bheadh aon-leithead ag an snáth nuair a bheadh sé
deilbhthe. Beidh leithead ag h-ocht gcéad. Nuair a bhíos an oiread
seo clannaí thíos ar an gcrann buaileann siad sriongáinín
ar an méid sin. Céad a bheadh annsin. Beidh fearas bárr
leithid 'san éadach 'léar (: de réir) mar a ghabhfas céadta ar an
gcrann. Féadfaidh tú deilbh dhá shnáth a dhéanamh nó
dhá shnáth dhéag nó scór má thogruigheann tú. Chonnaic
mé 'chaon chineál aca. Bíonn chúig chlannaí fichead is 'chuile chéad.
Ní fuláir fios a bheith agad cé mhéad céad ann shul a bhaineas
tú de'n chrann deilbh é. Nach shin é an fáth a gcuirfidh tú
síos air é. Comhairfear na clannaí amach in a gcéadta. Beidh
an bhean nó an fear atá ag deilbh ag siubhal i gcomhnaí 'gcomh
-naí. Ní fheilfeadh dhuit aon-bhuille marbh a leigint in do chuid
oibre dhá mbeitheá ag deilbh. Is maith an píosa de lá a chaithfeá
ag deilbh giota. 'San ngeimhreadh bheitheá an lá leis ar fad.
… Nuair a thóigtear anuas de'n chrann é, bíonn an-fhad ann.
Buailfeadh tú snaoim (: snaidhm) nó crios ar 'chaon chloigeann dhe
annsin, agus déanfaidh tú suas in a throisleáin é mar a bheadh
gruaig mná ann go díreach. Sin í an eige. Tá sé faoi réir
annsin le dhul ag an bhfigheadóir … Gan aimhreas is aon-tsnáth
amháin a bhéas ann. Dhá mbriseadh an snáth 'san deilbh, ghreamóchadh
sí ar an bpuínte de'n chuid eile de'n tsnáth é.
Chuirfeadh sí snaoim (: snaidhm) air … " [Giota faoi dheilbh
shnátha a fuair mé ó m'athair. Rinne sé féin an obair go minic] /
{Chuirf}idís an t-iarna timpeall ar an gcrann tochrais, agus bheadh an

an crann tochrais annsin ag teacht thar timpeall — an líon dhá thochras agus ag teacht leo ar cheirtlíní. É a dheilbh ar chrann ar nós flainín annsin. Chuirfí ag an bhfigheadóir é agus dhéanfadh sé píosa dhó … " [Sliocht as cuntas faoi'n líon ó m'athair] / "D'fuagair sé easnamh orm: an té a bheadh ag deilbh, agus dhá dteagadh duine isteach, d'fhuagróchadh an duine istigh "mo chuid easnamh ort." Dá mbeadh gan a dóthain snátha a bheith aice, bheadh easnamh uirre / "Bearradh Luain nó deilbh Chéadaoin, níor dearnadh ariamh gan osna nó éagcaoin" (: pirseog faoi gheis oibre atá ar laetheantaí áiride de'n tseachtain) /[Ní dheilbheochamuid é Dé Céadaoin. Tá geis ar an gCéadaoin, a dheirbhshiur mo chroidhe. "Bearradh Luain nó deilbh Chéadaoin, ní raibh ariamh gan osna nó éagcaoin" / Diabhal a ndéanfaidís aon-deilbh Dé Céadaoin fadó, dhá bhfaghaidís Eire bronta orra. Bhidís ag ceapadh dhá ndéanadh, nach mbeadh aon-lá de'n ádh orra. Bearradh Luain nó deilbh Chéadaoin adeiridís]/ "Deilbh an saoghal agus gheobhaidh tú inneach dhó" = sean-fhocal. = 'sé'n dlúth a dheilbhighthear ar an gcrann deilbh, ach ní mór inneach a bheith ann freisin le cur air is an bhfigheachán, nó ní féidir aon-éadach a dhéanamh dhe (fc. dlúth). Is minic a bhíos easnamh ar bhean abhrais (fc. "dlúth agus fc. "easnamh" thuas), ach gheobhaidh sí an oiread innigh agus a theastóchas uaithe i gcomhnaí, i gcomhair a mbeidh deilbh -the aice = is minic a bhíos duine ag déanamh ruda eicínt agus gan aon-chosamhlacht air go mbuachfaidh sé tada go deo air, ach foghanfaidh an rud sin uair eicínt. Cuirim igcás fear a mbeadh neart údar leasuighthe aige le h-aghaidh talmhana ach nach mbeadh mórán síl aige, dearfaí leis: "deilbh an saoghal agus gheobhaidh tú inneach air": mar dhoigh dhe, dhá leasuigheadh sé leis, nach mbeadh aon-easbaidh síl air: go bhfuigheadh sé an síol ar chuma eicínt /[Má tá an aimsir go dona fhéin — agus thar a bheith go dona — dheamhan le déanamh againn, ach an oiread móna agus a fhéadfas muid, a bhaint. "Deilbh an saoghal", adeir siad, "agus gheobhaidh tú inneach air." Tiocfaidh uair bhreagh a thriomóchas í am eicínt / Cé'n mhaith a bheith dhá gcur an eadh, agus gan gamhain ná bó ann len a n-ithe. Feicfidh tú má chuireann tú iad go bhfuighidh tú ghnatha dhóib. Deilbh an saoghal agus gheobhaidh tú

inneach air / Tóig a bhfuighidh tú. Ní stró duit fear a gcaithte a fháil anois, agus cho gann agus atá "feaigs". Deilbh an saoghal, adeir siad agus gheobh -aidh tú inneach dó / 'Ar ndú má's cúrsaí mar sin é, níor cheart d'aonduine buille ar bith a dhéanamh. Tá an aimsir mar is toil le Dia í, agus níl aon-neart againne uirre. Bain amach do chuid féir, agus leig de do chuid bundúin. Beidh grian fós ann len a thriomú. Deilbh an saoghal agus gheobhaidh tú inneach dó]/ Tá mé ag déanamh croithe agus gan tada le dhul ionnta ní ag ceasacht ar Dhia é. Níl againn in a dheidh sin ach ag súil le Dia chreidim. Nachar dhubhairt siad: "deilbh an saoghal agus gheobhaidh tú inneach dhó" // Tá sé deilbhthe amach agad = rud a bheadh déanta nó réidhtighthe (: giota oibre, bróig deasuighthe, coca féir déanta agus rl.) [Tá baramhail agam nach deilbhthe é seo ó cheart ach deilthe (fc. deil) nó go bhfuil an dá fhocal measctha ar a chéile. Baineann an scéal céadna le tuilleadh de na somplaí seo síos, ach "deilbhthe", adeir tear] / Cheannuigh sé feac deilbhthe indiu (deilthe; deilighthe?) = feac a bheadh snuighte amach, réidh le cur 'san láighe /[Tá an feac seo deilbhthe anois le cur 'san láighe. Fagh an t-iarann. Ní fhágfamuid leithscéal ar bith agad gan a dhul ag réabadh craicinn amáireach / Caithfidh mé an feac a dheilbhiú beagán shul a fhéadfas mé a chur 'san láighe. Tá an bhróigín buille ro-fhairsing / Mara ndeilbhidh tú an feac sin roint ní ghabhfaidh sé 'sa sleaghán. Dar fiadh, is feac breagh teangmháilte é / Tá sí deilbhighthe amach agad, baile ó Dhia ort. Féadfaidh tú do scíth a leigean anois, agus an Foghmhar craptha]/ Is gearr a bhéas siad leis an teach anois nó go mbeidh sé deilbhthe amach aca. Rinne siad an-éascaidheacht leis le mí. Beidh sé in araidheacht a dhul in a chomhnaí ann faoi cheann míosa eile / Tá tú deilbhighthe amach anois, glan-bhearrtha agus gabhtha gléasta le dhul in do rogha áit / Tá péire cléibh deilbhighthe amach indiu aige, agus dar fiadh is fiú cuid mhaith iad agus cho daor agus atá cléibh anois /[Tá an garrdha deilbhthe amach anois aige le cur = leasuighthe, socruighthe, agus 'chuile théisclim eile déanta faoi chomhair an chuir]/ Is furasta an t-Earrach a chur dhá mbeadh an deilbh (deilbhiú freisin) déanta = leasú, socrú agus gach

téisclim mar sin déanta. Dá mbeadh an stocáil déanta, níor bhrigh an churaidheacht féin a dhéanamh / Dá mbeinn réidh le 'chuile dheilbh eile go dtí an churaidheacht, ní leath-anró í sin a dhéanamh. Ach bíonn duine meathta ag dul i dtráigh, agus ag togáil clascannaí agus ag biorrú claidheachaí, agus ag déanamh crúbáin /[Ní hé an t-achar is fuide nó go mbeidh 'chuile shórt deilbhthe amach anois agam le tosuighe ag fódú. Ach dar príosta, tá sé ag síneadh suas leis an am. Nach bhfuil an Fhéil' Pádraic ar ghort an bhaile! / Dhá mbeadh 'chuile dheilbh eile réidh, ní bheithí i bhfad leis an teach, ach cidh Dia go meáróchadh an téisclim duine. Tá mise thar bharr mo chéille ag na faileannaí beaga sin atá le déanamh / Bhí 'chuile dheilbh eile déanta aige 'san oíche Dia Domhnaigh ach an pota a leagan síos, agus bhí sé le sin a dhéanamh an oíche sin. Ba cheart dó a bheith réidh faoi seo. Mara dtapuighidh tú é mar sin féin, dheamhan an sdriog a bhéas aige. Ní túisce réidh anois é ná bhíos an iarraidh fuadaighthe cruinn baileach. Mara bhfaghaidh tú aon-deoir aigesan, tá tú réidh len a fháil in aon-áit eile / Tá muid deilbhighthe amach anois le dhul ag réabadh portaigh, agus arsa tusa tá sé in am sin againn]/ Níl aon-cheo deilbhighthe nach bhfuil sé indon a dhéanamh = níl aon-cheo ó'n deil amach nach bhfuil sé indon a dheanamh = tá sé indon gach uile rud a dhéanamh, tá sé cho stuama sin / Níl aon-cheo deilbhighthe nach bhfuil déanta annsin thíos aige. Sin é an buachaill! Is mór an stuaim a gheall Dia dhó thar duine ar bith ar an mbaile / An-fhear ceirde é. Níl aon-nidh deilbhighthe nach bhfuil sé i riocht a dhéanamh /[Tá 'chuile shórt dhár deilbhigheadh ariamh thíos 'san teach sin aige, ach do dhubhshlán fagh tada uaidh. Dhá mbeadh an chruadhóig ba mhó ort a bhí ar aonduine ariamh, ní thiubharfadh sé aon-bhall de'n uirnís sin duit / Dheamhan ball uirníse deilbhighthe nach bhfuil aige, agus gan é indon tada a dhéanamh leo. Dheamhan ceo muis. Sin í an choigeallach i láimh na h-óinsighe, ball uirníse a chur in a láimh sin.]//[Tá sé deilbhthe amach l'aghaidh an bháis = duine a bhí go dona, suaidhte, claoidhte agus a raibh déanta len a bhás / Chreidim go bhfuil an bhean bhocht deilbhthe amach l'aghaidh an bháis. Is maith atá sí ag saothrú an bháis ar aon-nós. Diabhal bréag nach maith / Ní fhaca mise leis

an tsíorraidheacht cheana é, agus go deimhin mara bhfaca féin, tá sé deilbhighthe amach faoi chomhair an bháis anois. Tiubharfaidh dhá lá dhéag na Nodlag rud le déanamh dhó]/ Bhí mé ag breathnú air as cionn cláir agus 'séard adubhairt mé le Jude gurb é an tinneas a dheilbh amach le h-aghaidh an bháis é. = bhí sé snuighte suaidhte / Tá sé deilbhthe amach anois le h-aghaidh an bháis ceart. Is furast aithinte air é. Nar ba buil le Dia go mbeadh liostachas cho fada orm leis ar chaoi ar bith /[Níl 'chuile lá dhá bhfuil sé a chaitheamh anois ach dhá dheilbh amach l'aghaidh an bháis. Tá sé fánach aige a theacht as. Is beag an baoghal air a mh'anam. Tá a chuid maitheasa ar iarraidh / Dia dhá réidhteach nach hé atá claoidhte caithte. Dheilbh an tinneas sin amach l'aghaidh an bháis go maith é. Nach teann a bhíos duine in a dheidh sin. Ní bhfuigh-theá fear cho h-urrúnta leis sin dhá gcuirtheá slat ar pharáiste tá dhá bhliain ó shoin. Agus feacha indiu é agus gan ann ach na cheithre eite]/

Deilbh: ainm-fhocal, buineann, geineamhnach uathaidh: na deilbhe
Deilbh: cruth, déanamh, pearsa, cumraidheacht, cuma.
[Ní mórán atá sé 'san gcaint anois ach go dtuigfí go maith é de bharr é a bheith i bhfilidheacht agus in amhráin, agus i scéalta]

"Aithnighim culaith an Deirg ach ní aithnighim a dheilbh ná é féin Agus fear gan bheannú imeasc an tsluaigh, dorna a bhí a leathnú ar chnáimh a ghéill" [Sin é adubhairt an Chailleach — máthair an Deirg Mhóir nuair a tháinic Fionn isteach chuice agus culaith an Deirg air] / "Aithnighim claimhe agus culaith an Deirg ach ní aithnighim a deilbh ná é féin" (: leagan eile air)
"Aithnighim claimhe an Deirg ach ní aithnighim a núdh-dheilbh ná é féin [Cois Fhairrge — a shnuadh dheilbh b'fhéidir (: ə nū)? Tá an n seo faoi anáil imighthe as Gaedhilge Chois Fhairrge, ach tá sí fágtha faoi na h-Oileáin: Leitir Móir, Leitir Mealláin, agus rl. Ní mheasaim gur chuala mé ariamh í i gCois Fhairrge ar aon-nós].

Deimheas (: d ʼ iv ʼ ə s): ainm-fhocal; fireann; geineamhnach uathaidh: an deimhis
uimhir iolraidh: deimheasachaí
Deimheas: siosúr mór le h-aghaidh caoirigh a bhearradh nó obair de'n
tsórt sin; cluas le h-éisteacht; fonn troda nó cainte, no roptha.

Fagh an deimheas. Caithfear a dhul ag bearradh indiu. /[Níl a fhios
agaibh, cá'r leagadh deimheas na gcaorach / Tá an deimheas sin
maoluighthe ar fad. Níl sé indon tada a bhearradh]/ Tá deimheas
air ag éisteacht = duine a bheadh ag éisteacht an-ghéar nó an-
áirdeallach /[Tá deimheas ar an bpiteoig de mhac sin ag M. T. ag
éisteacht le faitíos nach mbeadh 'chuile scéala aige ag dul abhaile
. Is 'C Thuathálánach déanta é (Mac Tuathaláin) / Shílfeá go
mbíonn deimheas air ag iarraidh 'chuile mhíle rud a thógáil, agus diabhal
mórán prae len a chuid Gaedhilge in a dheidh sin. Ní bheadh sé daor-
bhasctha marach an chanamhaint dhalba atá air. Ní thuigimse 'chaon
deichmheadh focal uaidh scaithtí / Má's ag dul thart an bóthar féin a
bhéas sé, bíonn deimheas air fea'int a gcloisfeadh sé focal ar bith
ag ceann bóithrín nó áit de'n tsórt sin. Agus siubhlann sé cho
mion cho réidh, agus go sílfeá gur ag iarraidh éalú ar dhuine a bheadh
sé. 'Ar ndú, d'eireochadh dhó: 'sé'n dearcadóir atá 'san
mbeairic anois é]/ Tá deimheas air anois nó go dteighidh sé ag
troid = goin, faobhar, fabhairt / Má bhíonn deoir ar bith caithte
aige feicfidh tú an deimheas sin air. Níl ag duine ach é a sheachaint an
uair sin /[Tá deimheas uirre sin i gcomhnaí. Is mór an t-iongnadh nach
dtiocfadh tuirse ar a teanga uair eicínt nuair a bhíos sí in a
claibín muilinn i gcomhnaí = bean agus díle cainte aice i
gcomhnaí]/ 'Sábhálaidh Dia sinn nach uirre atá an deimheas. Sin í
a bhfuil bás na caillighe agus pósadh na mná óige aice ar chaoi ar
bith / Tá faobhar ar a deimheas aice anois. Feicfidh tú píosa
sciolladóireacht annseo roimh an oíche, nachar chuala tú a
leithide ariamh má ionnsuigheann sí féin agus an rúisc thuas
a chéile. [M'anam, nach hí an ribín réidh í an bhean thuas muise
ach an oiread leis an gceann síos, má bheodhuigheann sí féin
amach 'un siúite. Bhí an chéad eádradh de'n achrann seo {?}
indé … Cearca 'd'eile … nach hé an sionnach a fhéadfas a {?}

a dhéanamh fútha! /

Deimheasóiridhe = ainm-fhocal as "deimheas"; fireann.
Deimheasóiridhe = duine géar gearabalach; sciolladóir, ropaire,
duine atá i gcomhnaí ag iarraidh brabach a fháil ar do chuid cainte;
duine a mbíonn goin achrainn i gcomhnaí air; cantalóir, drisín.

Deimheasóiridhe maith í sin. Ná déan níos aoirde léithe ná beannú
di 'san mbóthar. Sin é do dhíol / Tá sé annsiúd in a dheimheasóiridhe 'san
gclúid, agus ní chuirfidh duine focal as a bhéal, nach bhfuighidh sé brabach
air. Dar fiadh muise is beag an acmhuinn atá aige féin: Is furasta
leis gáiridhe a dhéanamh faoi'n té údan eile, ach feiceamuist déanadh
aonduine aon-gháiridhe faoi fhéin /[Tá sé féin go lághach síodamhail,
ach go deimhin 'séard atá 'san mbean atá aige deimheasóiridhe de
ropaire. Nach bhfeiceann tú ag imeacht annsin í agus gob uirre]/

Dreóilín: ainm-fhocal buineann; tuiseal geineamhnach: an/na dreoilín.
uimhir iolraidh: dreoilíní = éan beag atá taithighthe is gach
uile ghiodán de'n tír (: wren). [fc. "cuisle", "ceirt na n-easbaí", agus
"deachma" freisin.]

"Dreoilín, dreóilín Rí na n-Éan: i dTír Oileáin a marbhuigheadh an t-éan.
Lá Fheil Stiopháin a marbhuigheadh é; is mór do mhuirghín agus is beag thú fhéin.
Dreóilín, dreóilín, Rí na n-Éan" (: an rann adeireas lucht an
dreoilín ar a gcuid stucaireachta lá Fheil' Stiopháin) / Níl muid
ag tabhairt gubh ar bith ar lucht an dreóilín. Feicfidh tú féin air
gur gearr go mbeidh trí nó ceathair de dhreamannaí aca isteach
agad idir chlár agus chuinneog /[Ní raibh tú ag dul thart leis an dreoilín chor
ar bith imbliana? / Céard a chas an dreoilín sin annseo = duine beag
gágach suarach]/ Ní thiocfaidh aon-bhiseach ar an dreóilín de mhac sin
aige choidhchin thar mar atá air. Diabhal mé nuair a bhí sé sin in a ghasúr
go shílfeá go mbadh an-údar fir é / Ó muise a dhreoilín is beag é
t'fhoghail-sa ar aon-chor (fc. dreólán) = níl tú indon faice a dhéanamh /
'Ar ndú' ní raibh aige siúd i dhá phionta ach mún dreoilín i lár na
fairrge. Ba ghearr ar a dhúdán siúd dhá phintín ghágacha /[Go

bhféachaidh an t-Athair Siorraí orainn a mhuirnín, níl 'sna cupla scillingín "dole" sin ach mún dreoilín i lár na fairrge. Is gearr le dhul ar lán tighe iad / Ní mún dreoilín i lár na fairrge é dhá fhata a leagan aige sin = níl ann ach sugh salmhain i mbéal buláin = níl ann ach cuid an bheagáin // Ní itheann sé an oiread le dreoilín = ní itheann sé tada; is beag a dhíol; níl sé mór-thráthach /[Go deimhin muise, ní raibh call ar bith di an méid a d'itheadh sí sin a thaidhbhsiú. Ní raibh sí ag ithe an oiread le dreoilín]/ É sin ag caint ar dhaoine a leagan! Ní leagfadh sé dreoilín, ní áirighim a mhalrait /

Druiminn = ainm-fhocal, buineann; geineamhnach uathaidh: na druiminne
Druiminn = dromainn (fc. druim, dromainn is an gcnuasach seo); dromán, for-chruit ar an druim, nó druim árd, teangmháilte.

Duine ar bith nach gcuirfidh druiminn air siúd le pórtar, ní gar dó a bheith ag súil go dtiubharfaidh sé uain dó le barra. Dheamhan é muis /[Chreidim go raibh druiminn ar an "gcaiptín" seo thíos len ar ól sé lá an aonaigh. Deir sé féin go ndearna sé craos. 'Ar ndú' sin dhá phionta]/ Níor bhfuláir druiminn a chur ar an asal sin le 'mbuail -fí air. Tá sé ag cínnt orm a chuibhriú chor ar bith. Tá a bhfuil de cheang -lacháin ann briste aige /[Chuir mé druiminn orm féin le'r ith mé de cheaile indiu. / Fágfaidh an scaróireacht druiminn air, cuirfidh mise geall leat. Tá an diabhal sin ag imeacht in a ríste ariamh, gan buille maitheasa, nó go mb'éigin dó an méid sin a dhéanamh ar na portaigh]/ Má chloisimse druid uait aríst go faoithin, cuirfidh mé druiminn ort le a dtiubharfaidh mé de bhata dhuit. Ní hé a mhalrait atá tú a thuaradh dhuit féin; ag imeacht ag cur allais asad annsin, agus gan méir i gcluais le cloisteáil agad. Nach breagh nach mbeitheá cuibh-eamhail fearacht do leithide ar bith 'san tír, agus gan na daoine a náiriú /

Druimfhionn, druimfhinn [: deirtear an dá rud. Is minic an dá leagan ag an gcainteoir céadna] = ainm-fhocal; buineann; geineamhnach uathaidh: na druimfhinne.
druimfhionn, druimfhinn = riasc nó stríoc bhán [bán é go h-iondamhail,

ach thiocfadh dhó a bheith ar dhath eicínt eile freisin) siar in druim bó. Ní hé an t-achar céadna siar a theigheas an druimfhionn is gach uile bhó. Bíonn cuid aca a mbíonn an riasc ionnta ó an h-adharca siar ar feadh cnáimh an droma go dtí bun an driobaill. Cuid eile nach dteigheann sí siar an fhad sin chor ar bith.

Tá druimfhionn bhán 'san mbó a cheannuigh sé. Bó bhreagh í dar mo choinsias /[Cé leis an bhó dhruimfhinn bhán sin atá ag imeacht ar an mbóithrín ó mhaidin. Feicthear dhom go raibh a macsamhail de bhó ag N. nó a raibh? / Bhí gamhain urrúnta ag M. Ó H.: gamhain breagh agus druimfhinn ann. Dheamhan thiomanta pighinn a tairgeadh dhó air ach seacht bpunt. Ná a bhfuigheadh sé fear a fhiafruighe chor ar bith ó bhí ucht an lae caithte]/ Ní thaithnigheann an druimfhionn sin atá ann liom. Ó'n tarbh céadna iad sin fré chéile: an tarbh atá ag C. Ní fhaca mé aon-bheithidheach ar foghnamh ag tiacht ariamh uaidh: Marach sin dheamhan lá loicht a bheadh agam a chur an t-airgead / [Cé leis an laogh druimfhinn bhán atá ag scóthadh claidheachaí síos annsin. Ní h-eadh ach is gínn é! Is beag an stró a bhí air a dhul de léim chascartha thar chlaidhe an bóthair agamsa annsin thíos ar ball. Déarfainn gur maith a chuaidh a lacht dó ar chaoi ar bith, bail ó Dhia air!]/ Tá sé taobh le dhá bhó anois: céile óg agus bó druimfhionn bhán. Go deimhin bhí sé cho maith dhó an ceann druimfhionn bhán a leigean le fear na sean-bheithidhigh, mar ní bhuachfaidh sé aon-cheo choidhchin uirre, ach anró a fháil dhá cur /[Bhí an-loilgheach annsin thuas ag an gC.: Bó druimfhinne. Diabhal a n-imigheadh sí amach go dtí an lá a mbíodh a h-aimsir caithte. Cé'n bhrigh ach an uair a bheadh sí ar a sochar! Ba mhó bainne í na cheithre cinn]/

Druimfhionnach: aidiacht as druimfhionn, druimfhinn: beithidheach nó eile a mbeadh druimfhionn ann (fc. druimfhionn romhat)

Tá an gamhain druimfhionnach sin ag M. imighthe aríst. A cheann finne ní choinneochaidh é siúd anois, ach ag dul siar 'san áit ar

ceannuigheadh as é /[Diabhal mé go bhfuil an bhudóg dhruim-
fhionnach ar an talamh aríst. Anois céard déarfá léithe a
theacht ar ais ar aith-eolas! / Tá an-údar 'san leath-ghamhain
druimfhionnach sin aige. Má choinnigheann sé beaithte é
sin, agus mí a thabhairt dó 'san gcimín seo thiar, amach
i dtús féir, diabhal beithidheach ag gabhail leis a bhéas ingoir
ná i ngaobhar dó]/ Cé leis an madadh druimfhionnach sin atá
ag guairdeall annsin amuigh. [Is madadh é muise a bhfuil a leas
ar Dhia nó gheobhaidh sé fruisín uaimse. Tharraing mé iarraidh
de chasúr air ar maidin agus chuaidh mé 'fhoisceacht mbeannuighidh Dia
dhó, ach thug sé an eang leis in a dheidh sin. Meastú nachar
dhúisigh sé as mo chodladh mé: ag cangailt an dorais ar a
mhine-ghéire] = [madadh druimfhionnach = madadh a mbeadh
druimfhinn bhán nó bhuidhe nó eile ann de réir an datha a
bheadh air faoi'n a bholg agus in a thaobhanna agus in a ucht] / 'Bhfeic
-eann tú an áit a bhfuil an faoilleán druimfhionnach? = faoilleán
é sin a bhfuil an druim dubh aige agus an chuid eile bán. Tá siad an-
tréan ar na cladaigh /[Chonnaic mé faoilleán druimfhionnach
indiu annsin thíos agus é ag babhtáil. Meastú nachar thuirling
sé 'sa deireadh, agus eirghe as aríst agus stuifín in a bhéal aige. Siar
leis as cionn gob an Bh. agus casadh faoilleán eile dhó, agus nachar shín
sé an stuifín chuige, agus teagann sé féin ar ais aríst gur thóig
sé ceann eile: Nár fhága mé seo, mara bhfaca mé dhá dhéan-
amh thíos annsin indiu é!]/ Tháinig faoilleán druimfhionnach
annsin ar an tsráid ar ball beag, agus diabhal easna dhó nachar
árduigh leis sceallóg d'fhata: fataí a' (: ar) mbéilí a bhí mé
a fhuarú. Thosuigh sé ag scréachghail cho h-acmhuinneach agus a bhí
sé indon, agus leig sé an fata uaidh aríst. Dhóigh sé é cheapfainn! /
[Ní mór duit a bheith ar t'áirdeall féin má tá an bulán druim-
fhionnach sin soir is na garrantaí. Tá sé cho droch-
mhúinte len a bhfaca tú go h-iomaidh. D'ionnsóchadh sé thú ar
an toirt boise / Dar príosta muise, bhí beithidhigh lasta dháríre
má chuaidh an bhudóigín dhruimfhionnach h-ocht nóta. 'Ar ndú'
ní raibh tógáil ar bith uirre. Dheamhan lán do ghlaice a bhí innte]/.

Druim-dhearg, druim-fhada, druim-ghéar agus rl. = aidiachta as druim: is furasta adhmad a bhaint as a gcuideanna len a dtuiscint.

Is aisteach an dath atá ar an laogh a rugadh dó. Druim-dhearg atá sé / Is druim-ghéar an bhó í = druim-ghéar chorr-chnámhach aice / Chapall druim-fhada í = druim an-fhada aice /

Dílis = aidiacht = múirneach; grádhmhar; báidheamhail; géilleamhnach; ceart.

Tá sé an-dílis do Shasana i gcomhnaí / Nach hé atá dílis do'n dream sin! Ní athróchaidh sé go h-éag ná dheamhan athrú / Is maith dílis atá sé do'n ól ar chaoi ar bith = cothuigheann sé an t-ól; ní leigeann sé dó aon-am /[Dhá mbeitheá cho dílis do do chuid oibre agus atá tú do'n damhsa diabhal a mbeadh de chailleadh ort. Ach níl. Is beag an baoghal ort. / Tá sé cho dílis leis an saoghal do'n obair. Má's fliuch fuar an lá, beidh sé amuigh / Go gcuiridh Mac Dílis Dé an t-ádh ort agus leig dom = baintear leas as "dílis" go minic i leaganachaí faoi Dhia agus faoi'n Maighdin Mhuire / Tá a fhios ag Mac Dílis Dé nach ndearna mise é / Go mbreathnuighidh Mac Dílis Dé anuas uirre anocht! / Go gcartaidh Mac Dílis Dé síos go tóin Ifrinn thú!]/ Go gcuiridh Dia Dílis rath ort agus leig dom fhéin -eacht /[Tá a fhios ag Dia Dílis má tá maith in ól, gur ól sib a (: bhur) gceart dhe le seachtain / Go bhféachaidh Dia Dílis anuas orainn anocht! / Go gcuiridh Dia Dílis ar bhealach mo leasa mé anois! / A Mhuire dhílis céard a dhéanfas mé chor ar bith / A Mhuire dhílis, nach hí an droch-aimsir í!]/ A Mhuire dhílis céard a choinnigh amuigh thú cho fada seo? / Ní scarfaidh mé leis sin. 'Sé mo dhearbhraithrín dílis atá básuighthe a bhain é i dtosach / Sin é pictiúr mo dhearbhráithrín dílis atá thall i Meiriocá / A dhearbhráthairín dílis agus a dhearbhráthairín na páirte, cé'n fáth ar imigh tú uainn? = bíonn rudaí mar sin dhá rádh nuair a bhítear ag caoineadh duine as cíonn cláir / "A dheirbhshiuirín dílis" adeir sé "agus a dheirbhshiúirín charthannach" / A chuidín dílis céard atá tú a dhéanamh annsin? / A ghrádh bán dílis, goirm agus coiscricim thú! / A leinbh dhílis agus a laoigh, ná bí ag caoineadh anois! / A stóirín dílis

céard atá ort? / Ní ghabhfaidh mé fad dílis mo choise in éinfeacht
leat, adeirim féin, mara dtugaidh tú an punt glan dom =
fíor-fhad; fad ceart; fad mo choise féin /[Dheamhan é ná fad dílis
mo choise! Ní theastóchadh uaim ach a dhul in éindigh leatsa. Is maith
é mo luach saothair muis! / Ní leigfeadh sí an mac fad dílis a choise
in éindigh leis gan deich scilleacha 'san ló, agus fuair sé é freisin.
Gheobhfadh agus tuilleadh dhá seasadh sé uaidh / Ara diabhal a
cos sin a shiubhailfeadh fad dílis a coise de'n bhóthar in éindigh leis. Shiubh-
ailfeadh muis! Coinneochaidh sí nathaidheacht mhaith leis istigh ar leic
an teallaigh mar sin, ach ní thiubharfadh sí le rádh d'aonduine go bhfeicfí
ag siubhal an bhóthair in éindigh len a leithide de liúdramán í / Teirigh
ann anois má's breagh leat. Gabhfaidh tú ann dom fhuireasbhaidh-sa ar
chaoi ar bith. Fad dílis mo choise muise, ní ghabhfaidh mise in éindigh leat.
Nuair a thairg mise a dhul ann, ní raibh agad orm ach meas magaidh]/
Ná bac leis sin! Tá sé cho daoitheamhail leis an diabhal. Ní thiocfadh sé
fad dílis a choise leat, dhá mbeadh do chailleadh go deo leis. Thiocfadh
b'fhéidir! / Ná leig fad dílis do choise leat é níos mó. Ní madadh ar bith é
le tabhairt 'un bóthair leat: madadh ar bith a thosuigheas ag sclamhairt
ar 'chuile dhuine agus ar 'chuile mhótar dhá dteigheann an bóthar! /

Diúin: ainm-fhocal; fc. neoin.

Deilgneach: ainm-fhocal, fireann; geineamhnach uathaidh: an deilgnigh.
Deilgneach: claimhe a theagas ar ghasúir. Teagann sé ar dhaoine móra
scaithtí, ach is uair is na naoi n-áird é. Bíonn na gasúir priaclach agus ann-
sin, teagann drúcht guiríní amach thríotha. Déanann na guiríní seile
agus méaduigheann siad go mbíonn siad ar mhéid áirní nó gar dhó. I gceann
seachtaine nó mar sin, calcann siad suas agus déanann siad claimhe
dorcha. Scéitheann an claimhe sin aríst faoi cheann seachtaine eile,
agus tuiteann sé ar fad. Galra an-tógálach é, ach níl thairis sin de
dhochar ann. Ní thugann sé aon-bhás d'aon-ghasúr, ná ní fhanann aon-
fhuigheall in a dhiaidh. Is cosamhail gur gné eicínt de'n bholgaigh é.
[Chicken-pox i mBéarla?]. Ní bhuaileann sé malraigh cho tréan
is an taobh tíre seo anois, agus a bhuaileadh sé iad roimhe seo /

Deimhin = is an leagan "go deimhin" amháin = go dearbhtha; go cinnte, go siúráilte; gan aon-aimhreas; gan bhréig; gan baoghal ar bith

(Deimhin: d ' iv ' in ')

Go deimhin ní dhéanfaidh sé mórán nó is cinnt air é [Fágtar an "go" ar lár go minic. "'Deimhin ní dhéanfaidh sé mórán agus rl. / 'Deimhin is beag an bheánn atá agam air /[Go deimhin ba chóra dhó ciall a bheith aige agus gan a bheith ag imeacht ar an gcaoi sin! / Dar go deimhin ní dhéanfad! / Dar go deimhin muis, is deas an buachaill siopa a dhéanfadh sé / Dar go deimhin ní fhaca mé a leithide ariamh / Go deimhin muis, tá sé in am agad anois / Go deimhin fhéin, is beag an dochar duit náire a bheith ort ag imeacht mar sin! / Go deimh -in féin dhá mbadh duine de'n tsórt sin mé, is fadó a d'fhéad-fainn é a bheith déanta agam / Go deimhin féin is mór a d'ól sé ariamh agus is dona a chuaidh sé dhó / Go deimhin dhuit tá caint aige / Go deimhin duit, is gránna an cheird atá air! / Go deimhin duit ba chóra dhó smiaróid (: sméaróid) chéille eicínt a bheith aige feasta choidhchin / Go deimhin agus go dearbhtha, tá sé in am agad a thiacht / Go deimhin agus go dearbhtha dhuit, níl a fhios agam céard is cor dó chor ar bith]/ Go deimhin agus go dearbhtha dhuit, ba deas an feic é ag teacht aniar dhó / 'Deimhin muise tá! Is agamsa is fhearr a fhios / Go deimhin bhuail! Chonnaic mé é dhá bhualadh / Tá go deimhin = tá go cinnte / Tá go deimhin! = ní baoghal go bhfuil [Is de réir béim na cainte atá an t-idir-dealú seo. Níl béim ar bith ar an gcéad deimhin (: tá go deimhin), ach tá is an dara ceann] / Chuaidh go deimh -in! Baoghal air! / Gheobhaidh go deimhin! Gheobhaidh, 'nuair a gheobhas Pól a shúil! / 'Deimhin tá a mh'anam, agus go h-árd as cionn na trí scóir / 'Deimhin bhain muis. Chonnaic mé dhá baint é / Is maith é go deimhin! = níl aon-mhaith leis / Dhéanfadh sé rud go deimhin! Níl aon-chíos ar an gcaint 'ar ndú'! / Tá airgead aige. Tá rud aige go deimh-in! Cac éanachaí i mBaile Átha an Ríogh, mar adeir N. / Dhéanfadh go deimhin! Ní dhéanfadh sé púirín cearc, ní áirighim teach / 'Deimhin is deas an chaint atá ort! /['Deimhin is mór a bhaineas sé dhuit anois. Tá tú ro-chaidéiseach uiliog / 'Deimhin dhéanfá-sa cat agus dá rioball dhá bhfaightheá cead do chinn! Breagh nach ndéanann tú rud eicínt mar sin / Is maith é go deimhin! Ní fiú do sheacht mallacht é.]/

dreacht: ainm-fhocal (: d ' r ' axd): púir nó deannach a eirigheas de spré-mhóin nuair a bhíos stolladh gaoithe agus í an-tirm sa samhradh [Níor chuala mé an focal seo ariamh ach ag duine amháin. Chinn orm an focal a fháil ag duine ar bith eile in aon-bhaile ná in aon-cheanntar leis. Deannach (fc. deannach) a thugas 'chuile dhuine air, agus níor chuala duine ar bith aca an focal tuasluaidh -te. Chuir mé tuairisc blianta in a dhiaidh sin leis an bhfear céadna agus dubhairt sé an focal céadna, agus cé gur caint-eoir maith é, ní mheasaim in a dheidh sin go bhfuil an focal ceart. Tá dearmad eicínt ann de réir mo bharamhla].

Deifir (: d ' ef ' ir '): ainm-fhocal; buineann; tuiseal geineamhnach
uathaidh: deifire: deifre, ach is focal é nach dteagann claochmú tuisil air go minic, ach an t-alt a athrú go dtí "na".
Deifir: bruid, deabhadh; driopás, anbháthadh, forrú, antlás, beodhas

Tá an-deifir ort. / Bhí dubh-deifir air / Bhí deifir mhór (dhiabhalta, dhalba agus rl.) air / Bíonn deifir an domhain (an tsaoghail, deifir a bhfaca tú ariamh agus rl.) air / Bhí an oiread deifir' air agus a bheadh ar fhear a bheadh ag dul ag iarraidh cailleach do bhean a bheadh air a céad-pháiste /[Dhá mbeitheá ag marbhú mairt ní leigfeadh an deifir dó breathnú ort / Ná bac le deifir! Is air siúd a bhí an deifir / Deifir ag an deamhan ort! (deifir as ort! agus rl.). Breagh nach ndéanann tú deifir mar sin agus gan a bheith ag caint fúithe / Is beag an deifir atá ar siúd mo léan amach in a ghnatha / Tá sé ar bheagán deifir' 'ar ndú', mar a bhí sé ariamh]/ Is mó an deifir a rinne tusa ná mé ag imeacht as an mbaile mór, agus bhí mé sa mbaile romhat in a dheidh sin / Rinne mé (déanfaidh mé agus rl.) deifir mhaith abhaile /[Is maith an deifir a rinne tú agus a bheith sa mbaile cho luath seo / Ní mó ná dá gcuirtí splanc in a phóca go ndéanfadh an roighineadóir sin deifir / Rinne sé cuid mhaith deifir' agus é a bheith annseo ó ló / Má's leat deifir a bhaint as sin cuir francach in a phóca]/ Bain deifir as an diabhal d'asal sin, nó beidh sé ina oíche dhubh orainn / Breagh nach ndéanann tú rud eicínt deifire thairis sin.

Meastú an bhfanfaidh an taoille leat? / Leig an deifir thart = suidh síos agus leig do scíth / Tá deifir orm / Tá deifir cladaigh (Aifrinn, sochraide, portaigh, féir, bóthair, scoile agus rl.) orm / Is beag de'n deifir chladaigh seo atá ar Mh. Sh. Gh. Níl an rabharta ag cur mórán imní air, agus b'fhéidir gur b'aige atá an ceart / Shílfeá go bhfuil an-deifir scoile ar na gasúir seo indiu, hébrí céard a bhain dóibh /[Ní deifir portaigh atá air, mo léan, mar atá ar dhaoine eile. Dheamhan eirghe a ghníos sé go dtí an h-aondéag 'chuile lá / Is mór de dheifir garrdha agus guirt a bhí air ariamh, agus céard atá dhá bharr aige indiu ach an oiread linne. Dheamhan a dheatach!]/ Ní fhaca mé aon-deifir faoistin ariamh ort thar aonduine sa teach. Marach gur tapuigh-eadh tú anuiridh, bheadh faoistean na Cásca leigthe thart agad / Nach mór an deifir damhsa atá oraibh! Dhá mbadh é an garrdha nó an portach é, ní bheadh a leath-oiread deifir oraibh / Brugh agus ding oraibh mara beag an deifir eirghe atá oraibh / Mo léan, tá an deifir amach oraibh. Dhá mbeadh an deifir isteach oraibh cho maith sin, dhéanfadh sib cúis = daoine agus fonn orra dul chuig damhsaí agus eile /[Tá deifir 'un bídh air / Tá deifir go Gaillimh air / Tá sé gan deifir ar bith dá bhfaca tú ariamh / D'imigh sé faoi dheifir = bhí deifir air ag imeacht / Rinneadh é sin faoi dheifir agus tá a shliocht air: tá sé maoil-scríobach / B'éigin duithe (: dī) imeacht faoi dheifir / Chonnaic mé ag dul siar é le an-deifir. Diabhal a leithide de dheifir]/ Rinne mé é sin le an-deifir / Ghabhfá G. in imeacht trí ceathramhnaí uaire ach badh le an-deifir é / Dhá gcuirtheá lá é, badh le an-deifir é / Cheannuigh mé é as deifir, agus tá a shliocht air: níor bhreathnuigh mé chor ar bith ceart air, ach a chrochadh liom /[Is minic le duine siléig a dhéanamh mar sin as deifir / Imeochaidh an deifir díot fós ach a mbeidh tú cho sean liomsa / Níl aon-deifir leis. Féadfaidh tú a thabhairt aniar uair ar bith a gcasfar an bealach thú / Bhí an-deifir agam leis an gculaith éadaigh, ag ceapadh go mbeadh sí agam faoi'n Nodlaig, ach bhí baoghal orm]/ Níl aon-deifir mhór mar sin leis, ach cho luath agus a chasfar agad é, b'fhearr dhuit a íoc, b'fhearr sin. Tá sé amuigh le fada / Shílfeá go raibh an-deifir aige leis an gceap. Ní mian leis

tada a fhágáil ar iasacht an-fhada /[Ara níl deifir mhór ar bith mar sin leis an gcíos. Glacfaidh siad é uair ar bith a gheobhas siad é / Dhá mbeadh deifir abhaile leis, mo léan is fada a chaithfí ag fanacht leis]/[Níl deifir ar bith ar an bportach leat. Déan an rud atá tú a dhéanamh idtosach]/ Déan deifir a chur leis = cuir deifir leis = cuir faoi ndeara dhó deifir a dhéanamh / Nachar dhubhairt sé go raibh sé ag teacht. Gabh síos agus déan deifir a chur leis / Gabh siar roimh an sagart agus déan deifir a chur leis. Mara gcuiridh ní bhéarfaidh sé beo air /[Nachar fhéad tú deifir a chur leis abhaile? Ní thiocfaidh sé anocht anois / Déan deifir a chur leis an mbéilí sin. Caithfidh mise a dhul amach]/ Teirigh síos go dtí é anocht agus déan deifir a chur leis, nó ní dheasóchaidh sé an bhróig sin i mbliana. Duine an-tsiléigeach é mara mbeidh tú dhá bhrosnú (: bhrostú) igcomh-naí / Mara gcuiridh sibh deifir leis an táilliúr sin thoir ní chuirfidh sé aon-ghreim in aon-tsnáth éadaigh lib i mbliana. Tá siad mí aige cheana /[Dá gcuirtheá deifir leis an gcapall bheitheá sa mbaile ó ló mhór, ach b'fhearr leat ag snámhaidheacht. Fágfaidh sin do mhaistín de "shummons" agad]/ Breagh nach gcuireann sib deifir leis an bpota sin. Níl cosamhlacht ar bith fiuchta air / Ní chuirfidh sé siúd mórán deifir leis fhéin (nó air fhéin) ag tabhairt rud ar bith dhá bhfuighidh sé ar ais /[Marach gur chuir mé deifir leo, ní bheadh an teach déanta go ceann bliana fós aca. Is cuma sa diabhal leo sin é ach cupla cúrsa a bhualadh air agus é a fhágáil annsin / Bhí bís air le deifir imeacht]/ Bhí sé ag siubhal anonn agus anall ar fud an tighe le deifir imeacht / Tá sé cho maith dhaoib imeacht anois agus ní ag cur deifir lib é, ach má leigeann sib an deireannas oraib féin, beidh tús na h-oíche an-dorcha /[Ní ag cur deifir lib é, ach sílim go mb'fhearr dhaoib a bheith ag baint coisméig as puinte ar bith feasta. Tá aistir fada rómhaib / Níor tháinic aon-éiliú ar airgead acraí fós, ní ag cur deifir leis, ná ag tabhairt gutha air é!]/ D'imigh sé agus deifir air deirimse leat! = bhí deifir air ag imeacht agus níor mhór dhó mar cuireadh faitíos air / Imeochaidh sé sin agus deifir air, má theagann sé anocht / 'Sé a d'imigh agus an deifir air /[Cuirfidh mise deifir ort ag imeacht mara n-imighidh tú uait féin / D'imeochadh sé agus deifir air, dhá mbeinnse istigh!]/ Cuirfidh mise amach é agus deifir air! / Tiubharfaidh sé aníos é agus deifir air, má chasaimse

leis! / Mara dteighidh tú 'chodladh as réidhteach, gabhfaidh tú chodladh agus deifir ort ar ball /[Má chuirimse an póilí in a dhiaidh, déanfaidh sé é agus deifir air / Dar fiadh dhá bhfeicinnse é, d'fhágfadh sé annsin é agus deifir air / A dhailtín bhradaigh mara dteighidh tú amach ag an scoil, gabhfaidh tú amach agus deifir ort! / Árdóchaidh sé é agus deifir air, ach feadh 's mise é a fheiceál. Sé'n an rud is lugha dhó an bhearna a thógáil lá agus go dtug muid casán dó ann]/ "Mhall Dia an deifir" = sean-fhocal (fc. mall) / Níor mharbhuigh do dheifir ariamh tú ag eirghe (fc. mharbhuigh) / Cá'il do dheifir ag dul? = cé'n áit a bhfuil an oiread sin deifre ort; céard atá le déanamh agad le go mbeadh an oiread sin deifir ort? /[Leig do scíth. Cá'il do dheifir ag dul / Ara suidh fút go fóill-each agus déan do chuairt. Cá'il do dheifir ag dul? / Cá'il mo dheifir ag dul ab eadh? Nach bhfuil aoirde crann luinge d'fheamainn dearg sa gCaladh!]/ D'fhéadfá fanacht le blogam tae. Cá'il do dheifir ag dul, ach an oiread leis siúd? /

Deifireach, deifreach: aidiacht as "deifir": bruideamhail, driopásach agus rl. [fc. beo]
Déan é go deifreach / Ní mór dhuit a bheith deifireach anois leis / Nach hí atá deifreach trathnóna! = deifir uirre / Ní bheidh siad an-deifireach leis mara gcuiridh duine fhéin dlúthas leis /[Bhídís an-deifireach le airgead na Gaedhilge blianta eile, ach níor fritheadh annseo fós é]/ Mara mbí sib deifreach thairis sin, ní bheidh sibh críochnaighthe indiu / Imigh leat anois go beo deifreach, agus teirigh síos ann = [Cuirtear "beo" agus "deifreach" i gcuingir mar sin] / 'Sé atá beo deifireach ar a chois /[Cé'n chiall nach mbeitheá beo deifireach mar a bheadh gasúr agus gan a bheith ag leigint do'n fhéar fás faoi do chosa]/ Rinne sé beo deifreach é, deirimse leat, 'nuair a d'aimsigh sé siúd é /

Deifiriú, deifriú: ainm-bhriathar, briathar as deifir: deifir, dlúth -as, bruid, deabhadh a chur le rud; rud a bhrostú; rud a dhéanamh sciobtha.

Deifrigh leat! / Deifrigh amach! / Deifreochaidh tú má theighimse do dhiaidh! / Dheifrigh sé go maith. Marach gur dheifrigh, ní bheadh sé annseo anois / Deifir

-igheann sé abhaile leis an íocaidheacht i gcomhnaí agán a bhean / Tá sí ag deifiriú anocht agus b'annamh léithe, b'annamh sin / Ní mór dhuit deifriú anois, nó beidh sé in a dhórtadh ort /

Duilleog [: dʼiʟʼōg: dʼiʟʼōgʼ]: ainm-fhocal, buineann, tuiseal geineamhnach uathaidh: duilleoige; uimhir iolraidh: duilleogaí. Duilleog: cineál féitheachaí cruadh atá isteach faoi t'asnachaí ag béal do chléibh nó thíos faoi do chích. Cartilege nó gristle atá air i mBéarla. Tá le rádh gurb ann a bhíos cleithín tuithte ag daoine. [Fc. freisin "billeog"].

Bhuail tú isteach ar an duilleoig mé. Chuir tú pian i mo chroidhe / Tá doigh eicínt isteach san duilleoig orm, maran cleithín a bheadh ag tuitim agam. / Isteach annsin i mbéal na duilleoige atá sé ag dul dom. Deir siad seo gur cleithín atá mé a tholgadh, ach ní chreidim -se go bhfuil a leithide chor ar bith ann / Bhí sé ag putráil scathamh mór le mo dhuilleoig annsin, agus chuir sé pian orm, ach dheamhan a chos a leag aon-ghloine orm. Sílimse nach bhfuil a fhios aige siúd céard is cor do chleithín chor ar bith. Ní hé a chosamhlacht go bhfuil a fhios ar aon-chor /

Dlisneachaí: tugtar ar "shlisneachaí" scaithtí é. "An áit a snuidhtear an crann is ann a bhíos a dhlisneachaí" (Fc. slis, slisne, slisneach).

Dromchlár: ainm-fhocal, fireann; (drïmxlār): uachtar; clár; dromchladh; gruadh; druim; lom; surface, face. [Ní bhíonn sé ach le "domhan"]

Níl sé ar dhromchlár an domhain indiu, an té is uilce ná é sin = ar uachtar nó ar dhromchladh na cruinne; faoi thalamh an domhain; le fáil / Dhá mbeadh sé in áit ar bith ar dhromchlár an domhain, nach scríobhfadh sé agam leis an fhad seo, ach leitir na scuan níor tháinig uaidh le h-ocht mbliana / Meastú an bhfuil sé ar dhromchlár an domhain indiu aon-fheithideach is measa croidhe ná é. Má tá muise, is iongantas é /[Níl aon-tír ar dhromchlár an domhain is deiseamhla a d'fhéadfadh a bheith an puinte seo de ló ná an tír seo, marach a bhfuil d'fhalt -tanas againn fhéin dá chéile]/

Deir = Briathar (adeir).

[Gramadach: Briathar mí-rialta: Láithreach: deirim, deir tú (deireann tú) deir sé (deireann sé) … deirtear. Diúltach: ní abruighim agus rl. Ach tá abruighim is an dearbhthach freisin — "is minic a abruighim féin é sin" agus rl.; agus tá deirim amantaí is an diúltach — ní dheireann tú é sin; an ndeir tú liom é agus rl. Tá an dá leagan deir tú, deireann tú etc. ann, ach is tréine fuirmeachaí an "deir" déarfainn. Fáistíneach agus Coingheallach: Déarfad déarfaidh mé, déarfainn agus rl. Deirtear abróchadh, d'abróchainn is an dearbhthach freisin, agus bíonn ní dhéarfad, ní dhéarfainn (ɴ'ī ɛ̄rhəɴ'), an ndéarfá agus rl. is an diúltach. Gnáth Caithte: deirinn agus rl. ach freisin d'abruighinn, d'abruigheadh sé agus rl. Diúltach: "ní abruighinn" ach freisin "ní dheirinn" (dh maon) agus rl. Baineann an rud céadna leis an bhFoshuidhteach Caithte. Aimsir Caithte: dubhras (dubhairt mé), dubhairt sé, agus rl. Diúltach níor dhubhras; níor dhubhradh (d maon) nó níor dubhradh (d lom); Bíonn "dubhairtis" ag duine annseo agus annsiúd (go h-áirid gasúir a bheadh ag eirghe suas, agus greamuigheann sé ar feadh a saoghail do chuid acu) isan darna pearsain uathaidh caithte. Fosuidhteach Láithreach: go n-abruighidh mé, ach tá "go ndeiridh mé, "go ndéarfaidh mé" freisin ann. Orduigheach: abruighim, abair agus rl. Le má, bíonn abruigheann go minic — má abruighim agus rl. — ach tá má dheirim (d maon) agus rl. coitianta go leor freisin. "Má dheirinns", "má abruighinns" i gcás-annaí áiride is an darna pearsain uathaidh. Coibhneasta: gnás an choibhneasta le briathar eile, ach gurb í an fhuirm adeir (in áit adeireas, adeireanns) a bhíos ann go h-iondamhail — cé adeir é agus rl. Fáistíneach adéarfas agus rl. Aidiacht-Bhriathar: ráidhte. Ainm-Bhriathar: ag rádh. Bíonn deir mar aimsir Chaithte go minic in áit adubhairt. /

Deirimse leatsa go n-íocfaidh sé ann = rachaidh mé faoi dhuit; mise i mbannaí dhuit /[Deirimse leat go gcuirfidh mise rud eicínt eile ar a aire / Deirimse leatsa go gcuirfidh mise taobhach air dhá fhada go dtí é / Deirimse leatsa nach hé a rinne é chor ar bith / Deirimse leatsa gurb shin iad a bhí ag cur éadain air (: ar an ól) hébrí cé'n fáth é / Deirimse leatsa go raibh smideannaí beaga aige th'éis an méid sin]/

[Deirimse nach bhfuil / Deirimse gurb é muis! / Deirimse gurb é a bhí as bealach / Deirimse nach bhfuil an ceart agad / Deirimse go dtug sé éitheach! / Deirimse go dtug tú fhéin agus é féin éitheach / Deirimse go dtug P. Mh. Uí Fh. éitheach má chaith sé an chaint sin / Deirimse go bhfuil tú ag rádh na mbréag — nach raibh mé ann beag ná mór. / Deirimse go bhfuil tú ag déanamh na mbréag — gur tú féin a thóig leat é / Deirimse nach bhfuil is an méid sin ach starróig de bhréag. / Nach ndeirimse leatsa anois, go raibh sé i Meiriocá! / Nach ndeirimse leatsa nachar dhubhairt sé ariamh é! / Tá sé sin go h-olc, deirimse leat / Is caillte an aimsir í, deirimse leat / Thug mise faoi go binn é, deirimse leat / Gheobhadh sé faoi na foraí é, deirimse leat, marach le omós dhá bhean]/ Bhuailfí tuighe srathaire air deirimse leat, marach gur thug Dia dhó a bheith imighthe / Tá sé sin ceanamhail air fhéin deirimse leat / Deirimse féin muise nach bhfuil / Má deir tusa gur sine é ná S. deirimse féin nach sine. Is sine S. / Deirimse féin gur mó a bheadh de bharr na móna ag duine, ná de bharr an chuir // Céard adeir tú = céard atá tú ag rádh (ach fc. thíos) = aimsir Láithreach nó Caithte / Céard adeir sé faoi / Céard adeir tú leis anois a chuaidh síos de mhaol a mhainge go dtug sé aníos é = nach mbeadh iongantas ort go ndearna sé sin; nach mór an t-iongnadh agus rl. / [Céard adeir tú léithe a d'iarr punt orm! / Céard adeir leo a tháinic isteach annseo agam (: chugam) ag iarraidh áit bó orm! / Anois céard adeir tú le Gaillimh = anois a bhfuil biseach agad = déarfaí é faoi scéal eicínt, nó faoi rud eicínt a dhéanfaí, a bheadh ina chuid iongantais; 'séard é an leagan iomlán: anois céard adeir tú le Gaillimh agus gan ann ach baile beag! / Tá J. ag cur a chosa uaidh ag iarraidh pósadh freisin anois. Dubhairt sé leis an athair an lá faoi dheireadh, bean a fháil dó nó an sagart! Anois céard adeir tú le Gaillimh agus gan ann ach baile beag! / An uair a tharraing mé an ruadhóig anuas de dhrioball na budóige agus a shlíoc mé síos é, meastú nachar tháinig leath an driobaill liom. Anois céard adeir tú le Gaillimh agus gan ann ach baile beag!]/ Rug sé i ngreim chúl cinn ar Mh. Mh. agus thug sé Bóthar na Muice Báine amach dó. Anois céard adeir tú le Gaillimh. Is beag a cheapfadh go mbeadh an méid sin guis ann chor ar bith! / Ag stróchadh go dteigheadh sí ag

damhsaí! A leithide de ghiostairín! Anois céard adeir tú le Gaillimh agus gan ann ach baile beag! / Diabhal thiomanta ceann a thiubharfadh sí dom, mara dtugainn seacht bpighne ar chúig cinn de "Phuncáin". Anois céard déarfá le Gaillimh! Is furasta dhóib bráigill fhéin a bheith aca /[Diabhal a chois ná a chnáimh a ghabhfadh ann, dhá mbeinn leis nó go gcaithfinn mo theanga. Anois céard deir tú le Gaillimh agus gan ann ach baile beag! Nach maith luath atá sé ag dul ó smacht]/ Deir tú leis a d'imigh abhaile indiu = what do you think of him going home to-day! (Rud mar sin a bhíos i mBéarla na h-Éireann) / [Deir tú léithe nach bpósfadh é! Nar fhaghaidh sí níos fhearr é muis! / Deir tú le A. atá ar meath ó mhaidin, agus láithreachán móna annsiúd thuas aige agus í gan tógáil as a scaradh fós i mbliana! / Deir tú liom ar chinn sé dubh agus dubh orm aon-feaig a fháil istigh ar shlata an bhaile sin indiu! Tá mé scrúdtha! / Deir tú leis an gcúin a caillead, adeir sí. Shílfeá nach leigfeadh an náire dhi é sin a rádh, lá agus gur leig sí 'un báis le amhgar í / Deir tú leis a bhí ar an bportach indiu roimh lá. A Dhia dhá thárrtháil muis! Is cor 'san saoghal é sin / Deir tú leis an scoinmhíol seo thíos nach dtiubharfadh m'oirdín dom ag rádh gur leo féin é! / Deir tú leis atá thíos ag baint chairrgín ó'n h-aon déag!]// Deir siad gur marbhuigheadh é i Meiriocá = tá "deir siad" an tréan i leabaidh "deirtear" is an gcaint /[Deir siad go bhfuil / Deir siad anois gur gearr go bhfairsingidh an tae / Deir siad go bhfuil dlí le theacht amach go gcaithfear íoc ar an gcut cho maith leis an madadh / Deir siad nach leigfear duine ar bith go Sasana, dhá mbeadh an bhliain seo caithte / Sin é, adeir siad. Ach cá bhfios duinne é. Diúltuigheamuid dhó / Sin é adeir siad ar aon-chor. Ach níl áird le tabhairt ar leath na luaidreáin / Deir siad é a mh'anam: is minic an fear fada ag ceannacht fataí ó'n bhfear gearr / Ní maith ó maoidhtear agus ní eineach ó iarrtar: deir siad é, dar príosta]// 'Séard a deirim fhéin i gcomhnaí nachar chaith sé é fhéin 'san dug ariamh; gur duine eicínt eile a chuir tuiric ann / 'Séard adeir sé nach bhfuil S. A. ach ag cur mí-rath ar fad ar na portaigh leis an mbaint atá sé a thabhairt orra / 'Séard adeir siad (: adeirtear) nach bhfuil fear a bhárrtha ann // Dubhairt tú é! = sin í an fhírinne adubhairt tú; sin í an

chaint a bhfuil craiceann uirre; agadsa atá an ceart /[Dubhairt tú é, a mh'anam! Ní tada eile é ach cneamhaire / Dubhairt tú é mo choinsias! Níl a leithide de thúatachán cruthuighthe / Dubhairt tú é! Scólacháinín dona é / Anois adubhairt tú é! Sin é a bhí a dhéanamh leis. Gan é a leigint 'san mbóithrín chor ar bith / Anois adubhairt tú é gan bhréig gan mhagadh! Ní bheadh aon-duine aca beo fadó an lá marach gur choinnigh sí deoladh leo]// Shéanfadh sé go raibh sé in a chiontsioc -air leis an achrann! Seadh a mh'anam! Níor dhubhairt mise tada, adeir an fear a chuir an baile ag troid! = sórt sean-fhocal = an fear a rinne an mhístáid, shaor sé é féin / Is minic gurb é fear an réidhtigh a íocas an téiléaracht, agus an té a tharraingigheas uiliog é nach dtuilleann sé milleán ó aonduine. Sin é é: níor dhubhairt mise tada, adeir an té a chuir an baile ag troid /[Ar chuala tú an chailicéaracht a bhí air, ag sárú orm nach raibh sé ann le linn a thúis chor ar bith, agus gurb é a shaghd ar fad iad. Níor dhubhairt mise tada, adeir an ceann a chuir an baile ag troid]// Ó dubhairt tú agus gur dhubhairt tú é anois, cruthuigh é. Caith dhíot do sheaicéad 'bhfeicidh mé 'bhfuil tú cho maith agus atá do leigean amach /[Ó dubhairt agus gur dhubhairt, níor cheart dó a dhul siar air. Seasadh fear len a fhocal // Is tú adubhairt agus ní hé Dia = dhá ndéanadh duine eascainí ar dhuine eile, nó dhá dtuaradh sé míádh, déarfadh an ceann eile é seo. Scaithtí cialluigheann sé: "Man proposes; God disposes."]/ An eascainí chéadna ort! Is tú adubhairt agus ní hé Dia! Go mba túisce agad fhéin é ná againne! / Dubhairt sé nach gcaithfeadh sé aon-triomach an samhradh seo. 'Sé adubhairt agus ní hé Dia. Mar is toil le Dia a bhéas sé sin /[Dubhairt sí nach mbeadh duine aca san gcomhaireamh ceann bliain ó indiu: go raibh siad tolgtha fré chéile. Ach dheamhan a fhios aice. 'Sí adubhairt agus ní hé Dia / Bhí sé rádh go ndéan -fadh sé scioból mór eile le h-aghaidh coirce agus fataí agus 'chaon tsórt ó thuaidh de'n teach, ach 'sé adubhairt agus ní hé Dia. Ní bhfuair sé saoghal len a dhéanamh]// Is iomdha rud is buaine ná an duine, mar adubhairt an té adubhairt é = is minic leagan mar seo dhá chur ar shean-fhocla, ar ghiotaí d'amhráin agus de scéalta, ar leath-fhocla, ar dheilíní, ná ar chaint ar bith a bhíos i mbéal daoine go minic / Tá sí mar tá sí, agus níl

sí gan locht, mar adubhairt an té adubhairt é /["Agus a chailín bhig óig, ná pós thusa fear an dá chroidhe", mar adubhairt an té adubhairt é / Tá sí liath agus tá sí caoch, mar adubhairt an té adubhairt é]// Is mór adubhairt sé ariamh go ndéanaidh Dia grásta air, ach tá a shraith ar lár faoi dheireadh / Níor dhubhairt sé focal (smid ná smeaid, blas, ceo, faice, pioc, faocha, a dhath, agus rl.) / Dubhairt tú bréag má dubhairt é sin // Bhí an páiste ag teacht suas mar adéarfá leis é = ag méadú go mear /[Tá na dasachaí sin ag teacht suas mar adéarfá leo é / Bhí sé ag obair indé mar adéarfá leis é, ach in a leabaidh sin, dheamhan buille ar bith indiu / Tá coirce ag teacht aníos anois mar adéarfá leis é / Thuit sé 'un saidhbhris mar adéarfá leis é / Tá sé ag dul 'un cinn 'san saoghal mar adéarfá leis é / Bhí sé ag glaodhach óil mar adéarfá leis é / Bhí an gamhainín sin an-truaillighthe fadó i mbliana, ach ó a chuir sé ar athrú cimín é, tá sé ag teacht aige féin mar déarfá leis é / Ó a thosuigh biseach ar bith ag teacht uirre, tá sí ag tiacht chuice féin mar adéarfá léithe é]// Céard adéarfá le dhul abhaile. Tá sí in am = céard é do mheas faoi'n a dhul abhaile /[Céard adéarfá leis an aimsir seo? / Is mór adéarfá le gasúr nach mbeadh aon-chiall aige, ach bodach mar é sin! = chuirfeadh sé iongantas ort, go ndéanfadh gasúr gan aon chiall féin é, ní áirighim bodach mar é sin]/ Is mór adéarfá le duine nach mbeadh aon-fhód móna aige féin a dhul ag tabhairt mála as cruach na comharsan, ach iadsan agus a gcuid móna féin buailte orra // Céard adéarfá leis sin = Céard é do mheas faoi'n obair sin, faoi'n mbaramhail sin, faoi'n saothar atá déanta agus rl. /[Tá sé réidh agam anois. Céard déarfá faoi sin? An gceapfá go bhfuil sé maith go leor? / Céard adéarfá le fear a tháinic isteach aréir chugam ag iarraidh ualach fataí orm nó go dteagaidh fataí nuadha = nach dalba an rud é!]/ Céard adéarfá le bean a d'fhága an stainnín -each trí h-uaire annsin thiar ar an mbóthar agus í féin in éindigh le fear eile! // Bhí sé an olc, déarfá = cuirtear déarfá isteach mar seo go minic fearacht agus dá mbeadh an té atá caint ag cur mortabháil a chuid baramhlach féin anonn ar an duine atá ag éisteacht leis. Níl ann ach gnás cainte. In áiteachaí (bailte agus ceantair

bheaga) 'sé a bheadh i leabaidh "tá mé ag ceapadh", "dar liom" agus seóraidhthe
mar sin a bhíos in áiteachaí eile / Déanfaidh sé lá breagh déarfá
(: tá mé ag ceapadh; dar liom, sílim) /[Bean anglánta go maith
í, déarfá / Tá an dream seo níos measa ná an dream a bhí
cheana ann, déarfá / Ní raibh sé sásta an mhuic a chur an t-airgead
sin, déarfá / Tá sé ro-gharbh le dhul 'un fairrge, déarfá / Déarfá
nach raibh sé an-tsásta é a dhéanamh / Déarfá go bhfuil an
oíche ag leigean fúithe / Déarfá gur gearr eile a bheadh an troid
ar siubhal, 'nuair a bheadh puca déanta dhó (: dhe) ag M. / Déarfá
anois dhá seaduigheadh an uair seo, gur gearr go mbeadh a sean-
eire (: dasachaí) ar fhataí]// Tá sí in a cailleach seamluis, mar adéarfá
= pour ainsi dire; so to speak / Námhaid na circe mar adéarfá, a
bhí tímpeall mo thighe indiu! /[Dhá bhfaighteá dhá lá eile air mar
adéarfá, bheadh iarracht mhaith agad air / Is beag eile, mar adéarfá, a
thastóchadh uaidh anois, ach dhá laghad sin féin, níl aon-fháil agam
air / Dhá dteightheá ag an gcéad Aifreann mar adéarfá, agus a dhul
ann annsin gan méir a bhaint de do shrón, diabhal mé go mbeitheá
ann in ucht an lae]/ Cé mhéad stuca 'san ngarrdha sin thoir mar
adéarfá = an gceapann tú; nó more or less / Mar adéarfá anois,
meastú a bhfuighinnse obair ann = an gceapann tú go bhfuighinn;
an mbeitheá indon aon-chongnamh a thabhairt dom. Cineál slosaidheachta
nó evasion é igcásannaí de'n tsórt seo / Mar adéarfá anois
an gceapfá gurb é atá ceart? /[Meastú an raibh an bhean
mar adéarfá idtinneas cloinne? / Péist é mar adéarfá / Ghlac
-fainn chúig phunt air mar adéarfá má cheannuigheann tú glan ar
na chúig phunt é / Bhí sé dhá fheiceál dom mar adéarfá, go n-eireochadh
rud eicínt dom]/ Bhí sé slata ann, mar adéarfá, dá mbeadh sé
uiliog as fad a chéile = cion sé slat a bhí ann /[Tá dhá ghabhaltas
aige, dhá mbeadh sé uiliog cruinn mar adéarfá, ach 'sé'n
chaoi a bhfuil sé in a sceidíní thall agus abhfus]// Déarfainn go bhfuil olc
dhá bhualadh (= ceapaim; ach tá sé an-choitianta mar seo is an modh
coingheallach) /[Déarfainn go raibh diomdha ag teacht air an uair sin nach
ndeachaidh sé féin ann freisin / Déarfainn go bhfuil an cogadh ionann

agus thart / Déarfainn nach ndéanfadh sé aon-mhaith / Déarfainn gur bocht an chaoi dhá leithide a bheith teáltuighthe istigh 'san teach sin 'chuile ré soluis agus iad sin ag magadh faoi / Déarfainn gur suarach an éadáil do dhuine ar bith a bheith i dtuilleamaí déirce bheag de'n tsórt sin / Déarfainn gur dona na gnaithí atá air a bheith ag imeacht ar a shláinte go fánach mar sin, agus a fhusacht dó a dhul go Sasana, agus saothrú maith ann]/ Ní abróchainn nach bhfuil an ceart agad = sílim go bhfuil agus rl. / Ní abróchainn nach raibh baint eicínt aige leis, ach níl a fhios agam thairis sin faoi / [Ní abróchainn nach ndéanfadh sé é freisin dhá gcaitheadh sé in a cheann é / Ní abróchainn nach hé J. Mór atá as an mbealach freis-in, ach d'imigh an diabhal ar an gceann eile féin]// Mar déarfas tú anois. Tiocfaidh mise suas ar t'fhocal = bíodh breith do bhéil féin agad /[Mar adéarfas tú. Ní miste liomsa. Tá mise cho sásta a dhul ann le fanacht as // Déarfar seo agus déarfar siúd, ach cé'n dochar!]/ Abruighim mo rogha rud, ach 'sé an cás céadna dhom é. Ormsa a bhéas an milleán aige / Abruigheadh sé a dtogróchaidh sé, ach eisean ba chionntaighe / Abruighidís leo é, ach ní fhéadfaidh siad an fhírinne a chur as a riocht / Abair amhrán / Abair "ábab" agus ná buail do dhá chlab faoi chéile = rud adeirtear le gasúir. Ní féidir na "b"annaí a rádh gan do dhá chlab a bhualadh faoi chéile / Cuirfidh mé geall leat nach n-abróchaidh tú "ábab" gan do dhá chlab a bhualadh faoi chéile / Abair: "cearc uisce i bpoll uisce agus í slubarnaighil slabarnaighil. Cé a déarfadh naoi n-uaire é gan filleadh gan feacadh" [Abair naoi n-uaire é gan t'anáil a thabhairt leat!] / Abair: "ceirtlín bhog bharraigh ar bhog-bhallaí an tighe: Bog bog, arsa an t-óg-bodach ar bhog-bhallaí an tighe." Abair sciobtha é [má dheireann, tuigfidh tú an gaol atá ag an gconson "g" leis an gconson "d"] // Abair! Diabhal focal bréige agad: is beag atá le déanamh aige! = [Dubhairt an fear eile ar dtús gur bheag a bhí le déanamh ag a leithide seo de dhuine. Is ionann an "abair" agus "go cinnte is beag atá le déanamh aige"] /[Abair! I gceann mar atá na h-asail, tá cóisir bheithidh-each annsin aice agus gan scioltar orra leis an ocras]/

Abair é! Níor tháinic aimsear mar í le fada = abair; d'fhéadfá a rádh = "you can bet your life on it; "you can 'sing' it." /[Abair é! Is agadsa atá a fhios é / Abair é! Móin ar bith nach raibh tóigthe roimh an doininn seo, tá sí réidh le triomach imbliana / Abair é! Duine ar bith a bhfuil muirín anois air, tá sé in a ridire / Abair nach lá é le dhul i bhfad ó'n gclúid = is droch-lá é / Abair nach fear é a ghlacfadh mórán clabaireacht' ó aonduine / Abair gur droch-thalamh é! / Abair ar chuma ar bith go bhfuil saidhbhreas annsin amuigh 'fhoisceacht urchar méaróige do'n chladach, an té a ghabhfadh ag gliomadóireacht / Abair go mbadh droch-aonach é! / Abair nach bhfaca tú a leithide de scéiméara fir ariamh! / Abair gurb eadh! Chuir mise annsin thoir anuiridh iad, agus níor tháinic a leath (: cineál fataí). Is scrios ceart iad mar adubhairt tusa / Abair nach h-eadh, ná aonduine a bhain leis. Níor tháinic aon-chneagaire ar a threibh! / Abair má's dochtúr é, gur beag 'e mheas a bhíos aige air féin scaithtí!]/ Abair má's ag dul Gaillimh atá sé gur fada go mbeidh sé ann ar an roighinidheacht sin! / Abair má's leis "sprae" a chur amach go bhfuil sé thar am / Abair má's lib a dhul ag an scoil, nach mór daoib deabhadh a dhéanamh // Abair nachar bhac fear le cur ar bith, ach tosuighe ag baint mhóna 'san Márta, agus tosuighe ag cur potaí 'nuair a thiocfadh séasúr na gliomadóireachta, meastú nach mó a bheadh dhá bharr aige, ná a bheith dhá mheath féin ag tochailt idir dhá chloich 'sna breaclachaí sin amach = cuirigcás /[Abair gur cheannuigh tusa leota feola agus go dtáinic tú aniar abhaile agus gur chaith tú trí nó ceathair de laetheantaí dhá slumairt, nachar shamhaoinighe dhuit é sin, ná sceimhil a chur ar do bholg annsin thiar le piontaí pórtair]// Chreidim nach ndeachaidh ach abruigheadh muid go ndeachaidh. 'Sé an chaoi is réidhchúisighe do 'chuile dhuine é / Ná h-abair bréag = ná h-innis bréag / Mara n-abruighidh mé bréag, níl a fhios agam cé'n tráth a dtáinic sé abhaile / Nar leigidh Dia go n-abróchainn bréag / Níorbh ait liom go n-abróchainn tada ach lom-chlár na fírinne / Ná h-abair rud mar sin ar chraiceann do chluas / Abair leis a theacht abhaile / Abair le S. go bhfuil an h-asail 'san gcoirce / Abair léithe a bheith ar a h-áirdeall féin / Abair "Cúirt an tSrutháin

Bhuidhe" / Abair "Aithrighe Rafteri". / Abair "Caisleán Uí Néill [tabhair faoi deara gur "innis scéal" atá ann go h-iondamhail nó "innis" le ainm an scéil, ach "abair" le rud ar bith a bhfuil guth le cur leis / Bhí muid ag rádh an phaidrín / Bhí an sagart ag rádh an Aifrinn / Deireann sé na Liodáin 'chuile trathnóna / Is maith leis an t-Aifreann a rádh ar bhuille an naoi i gcomhnaí / Nach beag an carghas atá ort bréag a rádh / Tá do dhá dhíol ar fad le rádh agad / 'Séard a bhí mé a rádh annseo ar ball nach bhfuil forás ar bith ar Sh. Ph. ó chuaidh sé 'sna fir mhóra / Ní hé sin atá mé a rádh chor ar bith / Céard tá tú 'rádh riu? = níl ciall ar bith leis an rud atá tú a rádh; seafóid nó bréag agus rl. atá tú a rádh [céard deir tú = sin what are you saying, gan fearg ná tada eile] / Céard atá tú a rádh? Nach bhfaca mé é indé. / Céard atá tú a rádh? Dheamhan splanc chéille ar bith agad le goirid /[Céard atá tú a rádh? Go dtiubharfainnse an capall sin ar chúig phunt fhichead! / Céard atá tú a rádh? Go mbadh é S. ba chiontaighe!]/ Bhí sé ag rith mar bheadh Dia dhá rádh leis = is na feire glinte; is na seala babhtaí / Tá sé ag báisteach mar a bheadh Dia dhá rádh leis /[Tá sé ag ól mar a bheadh Dia dhá rádh leis / Bhí sí ag caint mar a bheadh Dia dhá rádh léithe / Tháinic an mótar anoir an bóthar mar a bheadh Dia dhá rádh leis / Lean sí an girrfhiadh mar bheadh Dia dhá rádh léithe // Tá mo chroidhe istigh dhá rádh liom nach ceart dom a bheith ag dul in éindigh léithe: nach bhfuil mé ach dhá cur amú / Mac maith atá agam ní as ucht mise dhá rádh é = Tá sé go maith agus ní ag déanamh gaisce as atá mise má's mé a athair féin /[Ó'n lá ar phós mé an bhean sin, ní raibh easbaidh punt ná scilling orm, ní as ucht mise a bheith dhá rádh é // Ní miste an méid sin a rádh ar chaoi ar bith]/ Ní raibh tada le rádh agam leis le fada = ní raibh mé ro-mhór leis / Is beag atá aige sin le rádh le aonduine = ní bhíonn sé ag coireamhaint ná ag cúl-chaint ar aon-duine / Níor dhubhairt mé aon-cheo le aonduine ariamh. Níor chuala aonduine bréag ná scéal in mo dhiaidh ó rugadh mé // Ní raibh aon-cheo le rádh liom fhéin ná le mo mhuintir ariamh = níor féadadh droch-rud ar bith a fháil le casadh leo. / Dhá mbeadh mórán le rádh liom déarfadh sé é // Má bhí sin le rádh fadó; níl sé le rádh anois. Dheamhan tada

le cois na boichteanacht' aca anois /[Má bhí sin le rádh ag na daoine roimhe seo, níl sé le rádh aca ar an saoghal seo. 'Ar ndú tá an-las-cainí i gcíos anois thar mar a bhí fadó]// Ná tabhair le rádh do na daoine go ndéanfá rud mar sin = ná tabhair slí chainte dhóib / Ná tabhair le rádh dhó nach gcaithfeá aige é / Dhá mbadh mise thusa ní thiubharfainn le rádh dóibh go bhfanfainn as ingeall ar rud de'n tsórt sin /[Is mór a thug sé le rádh do na daoine an t-am a raibh sé annseo. Bhíodh sé amuigh ó oíche go maidin … / Th'anam ó'n deamhan mar scéal, ná tabhair le rádh nach mbeitheá cho maith le duine! Fagh meaisín thú féin! / Is mór an nídh é a thabhairt le rádh do'n tír in a dheidh sin. Marach sin ní bheadh scruball ar bith agam bualadh faoi'n a cheannacht]// Tá le rádh go bhfuil sé le díbirt = deirtear / Tá le rádh má's fíor é gurb é atá le theacht annseo thoir / Bhí le rádh annseo scathamh ó shoin go raibh an talamh sin uiliog báidhte 'san mbeainc, ach níl leath a gcloisfidh duine le creisteamhaint / Tá le rádh má's cóir géilleadh do na luaidreáin gur daoire a bhéas móin imbliana ná bliain ar bith fós // Dubhairt sé é agus 'ar ndú tá sé le rádh aige = bhí údar maith leis an rud adubhairt sé / [Dubhairt sé go mba dearg-bhacach an cliamhain, agus 'ar ndú' fuair sé le rádh é / Má ghníonn tú sin, déarfaidh siad gur ag slíomadóireacht a bhí tú i gcaitheamh an achair, agus gheobhaidh siad le rádh é]// Ba mhór le rádh é lá de'n tsaoghal; ach níl sé cho mór le rádh sin (cho mór sin le rádh) anois = duine ceannasach nó saidhbhir nó cliúiteamhail a bhí ann scathamh / Ba mhór le rádh é C. scathamh, ach ní chloisfeá caint ar bith faoi anois /[Níl sé baoghal air cho mór le rádh leis an dearbhráthair anois. Tá an dearbhráthair an-cheannasach de'n domhan / Níl sé cho mór sin le rádh agus nach bhféadfadh duine a dhul 'un cainte leis / Ní raibh sé cho mór le rádh agus a bhí Sir W. B. ariamh, agus bhí mé istigh 'san bpárlús aige]/ Is mór le rádh an dole céadna, agus nach fiú do sheacht mallacht é 'san deireadh = tá an-chaint air / Is mór le rádh páighe Shasana, agus tháinic J. Sh. abhaile as an lá cheana agus ó'n deirbhs-iúr i nG. ab éigin dó luach an bhus a fháil lena thabhairt abhaile / Is suarach le rádh í — an ágóid = bean dhona shuarach / Is iomdha caint a chuala mé ar an gceann céadna, ach ní fhaca mé

í go dtí aréir. Má 'seadh féin, is suarach le rádh í. Dhá mbeadh breith agus dá roghain agam uirre, thiubharfainn breith ar mo shean-bhean féin fós! /[Is suarach le rádh a chuid scoláireacht' muis, mara raibh sé indon an cheist sin a fhuascailt. Má's mé féin nachar sheas aon-lá ariamh ag an scoil d'fhuasclóchainn í sin / Deirimse leatsa gur suarach le rádh a chuid talmhan' sin, má scéitheann tú dhó (: dhe) a bhfuil de shliabh ann]/ Chuala mé an oiread moltanais ar an mbó sin agus gur shíl mé gur sháruigh sí an Ghlas Ghaibhleann ach is suarach le rádh í 'mo choinsias // Bhí mise ag obair annseo agus ní dheachaidh bó ná gamhain suas an bóthar sin i gcaitheamh na maidne, mara ndeachaidh sí suas cho uain agus a bhí mé ag ithe mo dhinnéir, agus tá rud le rádh air sin = b'fhéidir di a dhul suas le linn mo dhinnéir / Tá rud le rádh ar an scéal sin, ach maidir leis an scéal ar ball níl ann ach caint ar sraith /[Bheadh rud le rádh air sin, dhá gcuireadh sé aon-chaoi air fhéin ach níor chuir / Tá rud le rádh ar an "spray" a chur amach dhá (a dhó nó trí) nae trí de chuarta, ach ná h-abruigheadh fear ar bith liomsa gur leas é an "spray" a bheith orra 'nuair a bhuail -feas sé iad (: an dubhachan)]// Tá sé ráidhte agad anois = anois adubhairt tú é! = sin é an rud atá ceart thar 'chuile rud = now you said it! Now, you have clinched the argument! // Tá ráidhte go bhfuil sé le theacht abhaile go goirid = tá sé ráidhte = deir siad = deirtear = tá le rádh // D'fhéadfá a rádh gur maith a chuaidh an imirce dhó = is fíor gur agus rl.; deirimse leat agus rl.; abair gur maith agus rl. /[D'fhéadfá a rádh gurb é atá fuar! / D'fhéadfá a rádh gurb' ort atá slacht do chodach, bail ó Dhia ort / M'anam go bhféadfá a rádh gur beag an néal atá air sin / Dar mo choinsias, d'fhéadfá a rádh nach bhfuil sé sin ag leigean aon-bhuille marbh in a chuid oibre / D'fhéadfá a rádh gur maith te droch-mhúinte an cimleacháinín é sin, má theigheann araoid ar bith air / D'fhéadfá sin a rádh! Is fadó nach bhfaca tú cur cho buailte an tráth seo 'bhliain]/ D'fhéadfá a rádh muis! Diabhal bréag ar bith nach mbeidh púir as a bhéal nó is cinneamh-aint críochnuighthe air é / D'fhéadfá a rádh inDomhnach! Is iomdha

a leithide eile a bhuailfeadh amach ar cuairt agus a d'fhágfadh an obair sin faoin a bhean. / D'fhéadfá a rádh! Ach indé a bhí an fuacht ann ar chaoi ar bith [ní athruigheann "d'fhéadfá" pearsa. Leagan rí-choitianta i gcaint é] // Bhí sé le buile agus le báine faoi rádh agus nach n-innseochainn dhó cá raibh mé ag dul = ó thárla, o's rud é (faoi rádh's. R análach amháin atá ann fearacht rogha, réir, roimh-ré agus rl.) /[Ní raibh sé sásta ná leath-shásta faoi rádh agus nach dtiubharfainn an t-airgead dó / Badh é an droch-bhodach é faoi rádh agus nach bhfuigheadh sé ól / Ná bac le olc! Bhí sé oibrighthe faoi rádh agus nach bhfuair sé cuireadh / Chaith sé an oíche ag diúgaireacht faoi rádh agus nach dtiubharfaí cead cuartaidheacht' dó / Faoi rádh's a raibh de chíosannaí caithte air, a tháinic an seoraim (: sirriam) chuige. 'Deile! / Shílfeá gur pus a bhí air, faoi rádh agus nach bhfanfainn in mo chomh -naí igcaitheamh an lae ag coinneál chainte leis-sean / Cuireadh amach as í faoi rádh agus nach ngéillfeadh sí dona ceannphuirteachaí a bhí uirre. Is dána í sin ná muic / Cé'n chaoi a bhféadfadh barr a bheith aige? Síl-eann sé go mbeidh bárr aige, faoi rádh agus nach gcuireann sé aon-leasú amach! / Ní bheidh smacht ar bith ar an madadh sin faoi rádh agus nach bhfaghann sé corr-ghriosáil mhaith bhuailte]/ 'Sí a bhí musánach air, faoi rádh agus nach dtáinic sé ag breathnú uirre cho uain agus a bhí sí ina luighe / Tá luighe seoil air indiu faoi rádh agus ar ól sé indé // Thug sé sórt rádha eicínt ar an bpaidrín, ach ba paidrín maoilscríobach go leor é cheapfainn = dubhairt sé é ar chuma eicínt / H-iarradh orm amhrán a rádh, agus chaith siad cho fada ag tuineamh liom agus go mb'éigin dom sórt rádha eicínt a thabhairt air. Ach go deimhin duit ba sórt rádha eicínt é. Bhí tachtam orm leis an slaghdán agus gan tada ann a réidhteochadh mo sceadamán / "Tá seacht n-innseacht ar scéal agus dhá rádh déag ar amhrán" = nó: "tá seacht leagan ar scéal agus dhá ghábhail déag ar amhrán" = ní lia leagan ar scéal ná scéalaidhe, agus ní lia ceantar ná rádh ar amhrán = ní mara chéile atá amhráin agus scéalta ag gach uile dhuine agus is gach uile cheantar. /[Níl na h-amhráin aige mar atá siad againne, ach is cuma sin: bíonn dhá rádh déag ar amhrán adeir siad. 'Ar ndú' chuala mé fear aniar ag gabhail fhuinn annsin thíos an oíche faoi dheireadh, agus bhí deich n-amhrán aige in aon-amhrán amháin, mar tá siad againne]/

Deireadh [: d ʼ er ʼ ə; d ʼ er ʼ ū scaithtí go h-áirid má bhíonn guth go dlúth ar a lorg]
Deireadh: ainm-fhocal; fireann; uimhir iolraidh: deireadhachaí (: d ʼ er ʼ ūxī)
Deireadh: an cuid thiar; an chuid ar cúl; an roinn nó an pháirt ag an gcloigeann is fuide amach de rud (: oíche, lá, bliain, leabhar, saoghal agus rl.); críoch; fuighleach ; an chuid de rud nachar h-ídigheadh fós; codarsna "tús" nó "tosach" nó ceann agus rl.

Leath-deireadh (: fc. na somplaí thíos)
Seo é a dheireadh / Sin é deireadh an leabhair (an pháipéir, an gharrdha, an bháid, na curaighe, na bó, an chapaill, na h-eige, an éadaigh, na bróige, an chairr, an bhus, an bhóithrín, mo chuid talmhana, na claise, an chuir, na coille, na h-easca, an tsléibhe, an phortaigh, na locha, an scrath-ghlugair, na dtighthe, na ndriseachaí, na gcíocraí, na ngarrantaí, na trágha, an chúilín, an aitinn, an mhinligh, an aistir, an turais, na scríbe, na ruaige, an gheábha, agus rl.) / Sin í deireadh na móna (na feamuinne, na bhfataí, an tae, an phlúir, an bhainne an choirce, an fhéir, an tobac, an airgid, an fuisce, na feola, na dtáirngí, an ádhmaid, na h-ola, an bhealadh, agus rl.) / Seo é deireadh oíche (deireadh lae, d. na bliana, an earraigh, na Nodlac, na h-Inide, na Cincíse, na seachtaine, na míosa, na gealaighe, na trágha, an rabharta, an tsaoghail, an domhain, agus rl.) / Seo é deireadh an chogaidh (d. na dolaidheachta, an tslaghdáin, an fhiabhrais, na bruiththínighe, na ndoigheachaí meisce, d. an dinnéir, an tsuipéir, an lóin, an damhsa, na bainse, na báire, an cluiche, na faice, an chleis, na báistighe, an tsneachta, an tseaca, na tóirnighe, na gaoithe móire, na croisínteachta, an iascaigh, an tárluighthe, an ghróigthe, an leasuighthe, an lánuighthe, an chuir, an ghort-ghlanta, an chruachta, na caoladóireachta, na tuigheadóireachta, na gréasaidh -eachta, na carraerachta, na siúinéarachta, agus rl.) / Sin é anois deireadh a chuid feirge (a chuid macnais, suaimnis, uilc, meanmna, bróid, uabhair, reatha, móiréise, neirt, anála, spreacadh, sonais, séin, lághaidheachta, bóithreoireachta, fonnadóireachta, feadghala, scréachghala, síonghala, cuartaidheachta, d. a shaoghail agus a mhaitheasa, d. a chuid gáirí, a chuid caoineacháin, a chuid bróin, a chuid taighd, a chuid foighde, a chuid laetheantaí maithe, a cuid rístidheachta, a chuid díomhaontais; a chuid bochtaineachta agus rl.) / Deireadh luinge (deireadh duine uasail, d. sean-ghearráin, d. sean-mhadadh, d. spiadóra, d. tincéara, d. scillinge,

d. muice, d. sean-réithe, d. an duine, d. fear poitín, deireadh ballaigh, agus rl.) / Indeireadh na cúise (na faidhleála, na rúcála, na ngnaithí agus rl.) / Deireadh an áil (na féinne, an teaghlaigh, Chloinn Mhac Chonfaola agus rl.) // Tá sé amach in áit eicínt i ndeireadh an pháipéir / Chuir sé in áit eicínt indeireadh na leitire é / Gheobhaidh tú thoir ag deireadh an gharrdha é = ag ceann an gharrdha; ag an gclaidhe nó ag an bhfál /[Bíonn sleó i gcomhnaí ag deireadh an bháid / Bain an deireadh amach as an gcruib agus beidh tú indon a chur isteach = an chuid de fhráma na cruibeach a bhíos taobh thiar / Bhain sé an deireadh as an lorry agus d'árduigh siad isteach an t-asal ann / Seas thiar ag deireadh an chairr / Istigh indeireadh an mhótair a bhí mise / Bhí sé caithte indeireadh an bháid agus mór-ghalra air / Siar in aice le deireadh na traenach a bhí muid / Breathnuigh siar indeireadh an sciobóil sin amuigh, agus b'fhéidir go mbeadh sé ann / Bhuail sé faoi dheireadh an "bicycle" / Bhí deireadh an tsoithigh faoi troisleáin uiliog / Chuir muid isteach an churach indiaidh a deireadh / Tharraing sí an bád eile as a deireadh / Tá áit thiar indeireadh na bó, agus má bhuaileann tú 'san áit sin í, giorróchaidh tú léithe / Tá an capall sin an-chrochta as a deireadh / Tá deireadh an-árd ag an asal sin / Teigheadh triúr agaibh faoin a deireadh (: bó, capall, lorry, cárr, agus rl.) agus beirt faoin a tosach, agus b'fhéidir go n-árdóchadh muid mar sin í / Bíonn bean an-láidir as a deireadh / Tá an-deireadh aige (: fear) ar chaoi ar bith, bíodh aon-mhaith ann, nó ná bíodh / Chuaidh seisean faoi dheireadh an chrainn agus chuaidh mise faoin a cheann, agus chroch muid linn é / I ndeireadh an cheann chruacháin a chuaidh an dubhán / Cé'n sórt sop é sin as deireadh na circe sin? / Chonnaic mé muic mhara ag breith ar dheireadh ar bhradán feárna annsin thíos 'san gcrompáinín an bhliain cheana / Ag caint ar phúcaí 'chuile ré soluis. Nar chomhnuighidh sé go mbeiridh sé ar dheireadh ort! / Cé'n faitíos atá ort roimh an sagart. 'Ar ndú' ní bhéarfaidh sé ar dheireadh ort! / Má bheirimse ar dheireadh ort íocfaidh tú ann / Tiubharfaidh mise an bhróig ar an deireadh dhó, nó leigfidh sé dhá chuid ealadhain / Rug an madadh ingreim deireadh ar an ngirrfhiadh / Bain do shúil di ó rug fear Ch. Mh. ar dheireadh uirre = tá tú as an mbean ó

a chuaidh fear C. Mh. ag suirghe léithe / Béarfaidh mé ar dheireadh fós air = tiocfaidh mé suas leis ar an mbóthar / Bhuail sé isteach ar an leath-deireadh de chic mé = tóin, posterior (: ar an duine a thugtar é go h-iondamhail) / Is maith téagarach an leath-deireadh atá aice bail ó Dhia uirre! /[Má fhaghaimse failm ar an leath-deireadh ort, beidh scéal agad air / Níor eirigh liom ach barr a bhróige 'san leath-deireadh, ach ar an gcolpa nó ar an ioscaid a bhí sé ag iarraidh mé a bhualadh / Tharraing sé cic 'san leath-deireadh ar an ngasúr, ach sciorr a chois agus cuireadh ar shlatrachaí a dhroma ar an mbóthar é / Tá ceart aige sáimhín aireach a bheith 'san leath-deireadh air, agus a ndeárna sé de thraibhiléaracht ar an gcapall sin druimnochttha le seachtain / Scólfaidh mise an leath-deireadh agad mara mbeidh tú ar t'áirdeall fhéin / Déarfainn go bhfuil learsachaí (léasrachaí) ar an leath-deireadh ag gasúr J. T. anocht agus an ghriosáil slaite a thug an mháthair dó. Ach níor theastuigh uaidh ach é. Tá sé ro-ámhuilleach ar fad / Is beag an dochar dhá leath-deireadh féin a bheith tuirseach in a shuidhe síos annsiúd ó mhaidin go faoithin ag scríobhadh]/ Diabhal a dhath faoi'n saoghal a ghníos an mhór-chuid de na cléireachaí sin, ach eirghe de na stóilíní corr-uair len a leath-deireadh a aclú. Nach bhfaca mé iad! / Cuirfidh mise tochas 'san leath-deireadh ag madadh T. Sh. má bheirim ar an tsráid seo aríst air. Rinne sé cuid is mó glafarnach ná a raibh de mhádraí eile ar an tsráid aréir // Bhí sé caithte ar an tsraith thiar 'un deireadh agus é ag baoiteáil = fear i gcuraigh / Coinnigh an meachan roint siar 'un deireadh. Tá sé ar fad faoin a druim (: ualach ar chapall) / Bhí cheithre ghamhain mhaith thiar 'un deireadh uilig 'san lorry /[Teann siar 'un deireadh é. Beidh muid féin annseo / Níl goir láimh ar bith a leagan uirre siar 'un deireadh: siar ag an gcairín = capall / Bhí cúigear aige siar 'un deire agus triúr 'un tosaigh, agus marab shin é díol mótar ar bith, castar leis é / Bhí na paisinéaraí ag fanacht thiar 'un deireadh agus fear an bhus ag iarraidh a gcur amach 'un tosaigh, agus gan a fhios cé'n puinte a dtiocfadh sé in a achrann / Fan siar 'un deireadh = in aice leis an deireadh]// Tá sé ar deireadh = tá sé 'un deireadh = tá sé ag an deireadh = 'sé is fuide siar ar fad [ach

chiallóchadh "'un deireadh" freisin — go h-áirid má's "siar 'un deireadh" nó leagan mar sin atá ann — nach bhfuil sé ach ar na daoine, nó na rudaí deireannacha. "Tá sé thiar 'un deireadh (ar deireadh) uiliog" = 'sé an duine deireannach é." Tá sé 'un deireadh orra" = tá an chuid eile scathamh roimhe.] / Díol cam air féin agus ar a chapall. Chuir mé aisti, agus 'sí a bhí ar deireadh ar fad / Hébrí cé hé an chéad duine is mise atá ar deireadh /[Ní féidir gurb é t'asal-sa a bhí ar deireadh agus an árd-bheathú atá sé a fháil uait / 'Sí a bhí ar deireadh de'n méid a chuaidh isteach ó'n scoil seo thoir. Is náire bhruithte é, má's í a bhí ar deireadh ar fad / Is mise a bhí ar deireadh ag teacht amach as agus níor mhill mé tada / 'Sí bád Ch. a bhí ar deireadh 'sna geallta, th'éis a raibh de ghaisce aiste / Nach maith nach hé S. a bhí ar deireadh. Aindeoin gur caracháinín é, tá gabhail na gaoithe ann / Is diabhlaí santach atá sé ag an obair. 'Sé a bhíos ar deireadh igcomhnaí ag tiacht de'n phortach]/ Cé a bhí ar deireadh is an ngarrdha anocht? … Ar chuir tú na láigheantaí i dtaisce? // Bíonn fuathógaí ar dheireadh na h-eige (: aige). Ní bhíonn aon-mhaith leo. = nuair a bhíos an figheadóir ag figheachán 'sé ceann an éadaigh is goire dhó, agus deireadh an éadaigh is fuide uaidh. Cuireann sé crúibíní ar cheann an éadaigh, agus bíonn fuathógaí ar a dheireadh / Deireadh na bróige = an chuid de'n bhróig atá siar ó'n lasca. Caitheann an gréasaidhe pátrún páipéir a bheith aige le na deireadhachaí a ghearradh amach / Tá na bróga seo réidh 'sna deireadhachaí th'éis go sílfeá go bhfuil na h-uachtair go maith / Thug siad uatha is na deireadhachaí ar fad. Bhí mé ag saimhseáil leo annsin indiu, agus thiubharfá an leabhar nach hé an leathar céadna a cuireadh 'sna deireadhachaí agus 'sa gcuid eile. Sheasfadh na buinn tosaigh fós /

"Bean a chas le Mícheál Mhac Suibhne agus páiste suirghe aice.

Thosuigh Mícheál ag magadh fúithe:

Mícheál: Cá bhfuair tú an páiste?

Ise: Fuair mé ar sop é. Bhí an ithir agam féin, agus fuair mé an síol in aisce.

Mícheál: Cé dhár díobh é?

Ise: De chlann Donchadha é idir bhonn agus uachtar.

Mícheál: Cé dhár díobh na deireadhachaí?

Ise: Dhá mbeitheá ann aimsir an lasctha, bheadh a fhios agad sin.

Mícheál: Cáide uainn Margadh Bhaile an Dhubhghaill (dūl ′)?

Ise: Má chuireann tú do theanga in mo thóin, beidh do
shrón ar an margadh.

Scaoil sé cnaipe.

Mícheál: Tóig é sin uaim.

Ise: Níor tóigeadh aon-laogh ó aon-bhó ariamh go ligheadh
sí é. Ligh an chéad uair é.
'Óra a dheaidé' adeir an mac (.i. mac Mhichil) 'nach géar í
gan gob'" [Giota faoi bhean ar chuir Mícheál Mhac
Suibhne caidéis uirre. Tá an iomad leagan air seo ar fud
na Gaillimhe, ach tá siad uiliog gáirseamhail. Tá mé dhá
thabhairt annseo mar tá samhail mhaith ann agus magadh focail
faoi'n ngréasaidheacht deireadhachaí, lasca / Chuaidh muid suas go dtí deireadh an
bhóithrín = 'sé an ceann a bhíos ar chumar an bhóthair
mhóir agus an deireadh amach i mbarr na ngarrantaí nó i
mbun an chriathraigh /[Sin é an áit a bhfuil deireadh an
bhóthair nuaidh / Chuaidh muid amach go deireadh a chuid talmhana /
Bhailigh muid amach deireadh na ngarrantaí = ceann na
ngarrantaí]/ Má bhí sib anuas cho fada sin, bhí sib ag
deireadh an tsléibhe = i gcumar sléibhe agus minligh / Tá deireadh
an mhinligh bailighthe agad anois / Teirigh suas go dtí deireadh
an phortaigh, agus gheobhaidh tú láighe ann = cho fada agus a bhí an portach
oscailte / Thoir ag deireadh na trágha a bhí muid / Seo é anois
deireadh an aitinn. Níl aiteann ar bith uait siar / Má tá
tú indon do chosa a choinneál tirm, scaithín eile, tá muid
ionann agus ag deireadh na h-easca annseo / 'Bhfeiceann tú
an tulán glas sin thoir? Annsin atá deireadh na
gcíocraí. Talamh cruadh é uaidh sin soir / Bí ar thús na
coille agus ar dheireadh na gcreascannaí (: no ceascannaí) /
Is mairg a mbeadh deireadh na coille agus tús na gceascannaí
aige (fc. ceasc) / "Seisreach chapaill indoirín coille agus áit an
chinnire thiar 'un deireadh" // Sin í deireadh na móna anois =

Tá an mhóin ídighthe ar fad /[Ní bheidh deireadh an choirce curtha aige Lá na Faithche seo chugainn / Céard a rinne sib le deireadh an bhainne? / Cá ndeachaidh deireadh an fhéir a bhí annsin? Bhí glaicín deas ann / Tá deireadh mo chuid tobac caithte agam / Tá deireadh a bhfuil de leasú ann anois ídighthe hébrí céard a dhéanfar / Tá deireadh na raithnighe curta isteach faoi na beithidhigh anocht. Caithfidh sib a dhul ag baint leabthachaí feasta, má bhíonn siad (: na beithidhigh) i bhfad eile istigh / Tá a ndeireadh istigh anois (: fataí) / Tá a deireadh bainte agam (: móin) / Tá a ndeireadh ar fáil = deireadh an dreama a bhí imighthe / Tá a ndeireadh imighthe uaidh anois (: clann) / Tá a ndeireadh marbhuighthe i mbliana (: iasc) / Tá a deireadh triomuighthe i mbliana. Dheamhan fód eile a thriomóchas / Tá a deireadh díolta anois (: móin) / Tá deireadh na h-udhachta amuigh anois aige / Tá deireadh an phórtair ólta anois / Aire dhaoib! Beidh deireadh na feola sclamhta aige seo thuas mara dtapuighthear é]/ Diabhal bliain ó indiu go bhfeicidh tú deireadh an airgid sin le fán. An rud a fhaightear go dona, imigheann sé go dona // Tá muid ar dheireadh an rabh -arta indiu = tá sé caithte / Lá saoire eicínt ar dheireadh na Nodlag a bhí ann ar aon-chor / Lá eicínt amach ar dheireadh na h-Inide anuiridh a phós sé /[Bhí muid ar dheireadh a (: ar) mbéilí nuair a tháinic sé isteach / Níl sásamh ar bith aige sin a theacht ag cuartaidheacht mara mbeidh na daoine ar dheireadh an pháidrín]/ Níor tháinic sé isteach go dtí deireadh an Aifrinn / Tháinic sé isteach ar dheireadh an Aifrinn agus chuaidh sé ar a leath-ghlúin / Tá muid ar dheireadh na gealaighe anois / Tá deireadh gealaighe anois ann /[Déarfainn go bhfuil muid ar dheireadh an chogaidh / Is gearr uait deireadh na dolaidheachta anois / Bhí deireadh trágha ann, agus ní raibh dhá ghabhailín fheamainne bainte aige]/ Tá sé indeireadh an fhiabhrais anois. Chuaidh sé thrí aoidheo trí nó ceathair de laetheantaí ó shoin / Sílim go bhfuil muid indeireadh an tsneachta dhá fhada go dtí é.

Tá sé in a chlaochmú / Tá tú ag dul isteach i ndeireadh an tseaca anois. Is furasta aithinte ar an spéir anocht é / An bhfuil aon-bhaoghal ort a bheith indeireadh na caoladóireachta fós? /[Sin é deireadh a (: bhur) gcuid bóithreoireachta arís i mbliana. Amach as sin ní fhágfaidh sib / Is gearr go mbeidh deireadh na caraerachta déanta agam i mbliana // Tá deireadh suaímnis feicthe ag S. anois = ní bhfuighidh sé níos mó suaimnís / Is gearr uaidh deireadh sógha anois má phósann an mac an ropaire sin /[Sílim a bhuachaill (: laogh) go bhfuil tú indeireadh do chuid macnais anois. Níl aon-fhéar ar gharrdha an L. le macnas a chur ort / Tá deireadh a cuid cuartaidheachta déanta anois má tá sí ag dul ag pósadh / Tá sé in am agad deireadh do chuid caoineacháin a bheith déanta agad feasta / Sin é deireadh a chuid gáirí muis: Beidh ceol thar phíobaireacht aige feasta in a h-aice siúd]/ Bhí mé indeireadh m'anála = séidthe ar fad / Tá sé indeireadh a spreacadh (lúid, neirt, agus rl.) = níl aon-spreacadh fanta ann / Tá deireadh a chuid laetheantaí maithe caithte = sean-fhear; nó duine ar mhó d'anró ná de shógh a bheadh indán dó feasta / Ní fiú an sean-treabhsar sin a dheasú anois. Tá deireadh a chuid laetheantaí maithe caithte /[Tá deireadh a chuid rístidheachta feicthe aige anois. Caithfidh sé a chuid alluis a chur feasta // Tá sé in a dheireadh lae]/ D'imigh mé deireadh oíche (: d ʹer ʹəw nó d ʹer ʹū) / Is gearr go mbeidh sé in a dheireadh oíche / Ní fiú dhuinn a dhul ag bacadh anois leis. Tá sé in a dheireadh lae /[Deireadh oíche a d'imighidís i gcomhnaí / Dhúisigh mé am eicínt amach i ndeireadh na h-oíche, ach thuit mé 'mo chodladh arís / Fan go dtí deireadh an lae]/ Chuaidh mé oíche soir ann ar dheireadh gealaighe / B'fhéidir nach mbeadh a fhios agad céard a dhéanfainn amach annseo indeireadh bliana / Fataí deireadh bliana iad sin, agus níl aon-chúis leo / Sin uainín deireadh bliana / Sin é an cur deireadh bliana. Má 'seadh féin, níl aon-chailleadh air /[Tá glac mhór de mhóin deireadh bliana thuas annsiúd agam, ach dheamhan ceannacht a gheobhas mé uirre go bráth = móin a baineadh mall is an mbliain, nuair a bhí séasúr na móna caithte]/ B'fhearr duit gan ál deireadh bliana ar bith a chur síos. Bíonn siad an-mheathta = an t-ál a theagas amach indeireadh an ghuir, bíonn sé an-mheathta / Indeireadh na bliana a rugadh tú = duine

nach mbeadh in am le h-aghaidh solamair ar bith dhá mbeadh ag imeacht /
Tá an dinnéar go díreach ithte againn. Dhá dteagthá scaithín beag
níos túisce, bheadh rud eicínt le fáil agad. Is cosamhail gur indeireadh
na bliana a rugadh tú /[Sé do thráth a theacht anois. Indeireadh na
bliana a rugadh thú. Níl sdriog 'san mbuidéal nach bhfuil ólta]/
Leig tú buille deireannach ort féin é. Indeireadh na bliana a rugadh
thú siúráilte go leor. Ach idtús na bliana a rugadh S. annseo bail
ó Dhia air. Bhí sé istigh nuair a bhí an bheadaidheacht bheag sin ann /
Shoraidh dhaoib nachar chuir bealadh faoin a (: bhur) n-ioscadaí, agus a
bheith annseo tamaillín níos túisce. Bhí geampa breagh de bhradán
agam a tháinic ó Ph. Indeireadh na bliana a rugadh sib // Nach mór an
néal atá ag teacht air seo thíos indeireadh a shaoghail thall: a dhul ag
fáil stalach dó. A Dhia láidir giorróchaidh sí leis /[Is beag atá mo
leithide-sa indeireadh mo shaoghail thall i ndon a dhéanamh / Tá an
t-athair indeireadh a shaoghail anois / Nach beag an tsúil le
Dia a bhí aige, indeireadh a shaoghail agus eile a dhul ag déanamh
a leithide de chleas / Duine ar bith atá indeireadh a shaoghail mar
tá mise, tá rud ar a aire / Ní fhéadfadh sé rud ar bith níos measa
ná sin a dhéanamh indeireadh a shaoghail agus a mhaitheasa]/ Is beag é
m'fhoghail-sa anois. Tá mé indeireadh mo shaoghail agus mo mhaitheasa
= níl mé indon faice oibre a dhéanamh. Tá mo chuid oibre ar iarraidh /
['Ar ndú' ní ag faire ar an sean-fhear bocht sin atá indeireadh a
shaoghail agus a mhaitheasa atá tú / Duine ar bith atá indeireadh a shaoghail
agus a mhaitheasa mar atá tusa anois, is gearr le dhul é]// Marab fhuil
ag Dia 'sé deireadh an domhain é = is gearr uainn deireadh an
domhain (déarfaí é le báistigh shíorraí, le cogadh uathbhásach, nó
rud ar bith neamh-iondamhail mar sin) / Tá sé in a dhórtadh
aríst indiu. An tseachtain seo as éadan. Marab fhuil ag
Dia, 'sé deireadh an domhain (an tsaoghail amantaí) é /[Ná bac
leis an saoghal anois. Ní bheidh aon-dhuine ann in a dhiaidh seo. 'Sé
Cogadh an Domhain é. 'Sé, agus 'sé deireadh an domhain é ach grásta
Dé / Bhfaca tú an chaoi a gcaitheann sé na scaltrachaí le goirid.
Agus an chuma atá air ag báisteach. Dheamhan fiú agus an lá a tháinic
aon-samhradh anois le chúig bhliana, a bhféadfá caitheamh dhíot

le bruthghail. Ó, 'sé deireadh an Domhain é ach grásta Dé]// 'Sé deireadh na Féinne é = Oisín indiaidh na Féinne é = muirín a bhánóchaí go dtí duine nó beirt, nó baile go dtí teach, nó ál éan go dtí éan amháin agus rl. / Smál eicínt a bhí orra sin. Tá sé sin anois ar dheireadh na Féinne. Níl an deoraidhe eile aca 'san gcomh-aireamh ceann, th'éis go raibh dháréag aca ann /[Is mise deireadh na Féinne anois. Dhealuigh a raibh de thighthe eile ann uaim síos go bóthar. Tá mé liom féin anois ar bharr an bhaile / 'Sí deireadh na Féinne anois an chearc sin. Níl fágtha agam dhá raibh de chearca agam ariamh ach í féin. Agus ní bheidh sí sin fhéin i bhfad ann má fhaghann sé siúd aon-leigean uirre. Bhí chúig cinn fhichead aca agam dhá bhliain ó shoin. Sin í an chreach agus an chreach nachar roinneadh]/ Chonnaic mise dhá theach déag annsin 'san am a raibh mé mo bhuachaill ag an S., agus níl ann indiu ach G. Tá sé ar dheireadh na Féinne … Ghread an chuid eile leo go Meiriocá, agus chuaidh scaipeadh orra ar 'chuile chaoi. Ba deacair a gcur idtoll a chéile indiu /[Tá an bheirt sin anois ar dheireadh na Féinne. Bhuail díleághadh eicínt an chuid eile. Cailleadh iad ó dhuine go duine. Bhí ráidhte gurb é an teach nua a rinne é. D'athruigh siad amach aríst i sean-scioból agus dheamhan imeacht a tháinig ar aon-duine aca ó shoin. Ach is beag an chreach atá ann anois go bhfóiridh Dia orainn, ar scáth beirt]// Sin é deireadh an tsean-mhadaidh i gcomhnaí: gan rith gan rath gan fiacail / Deireadh an tincéara 'chuile lá ariamh é a mharbhú nó a phlúchadh / Sin é deireadh an fhear poitín: bás ar an sliabh i bhfad uainn an anachain agus an urchóid /[Deireadh an spiadóra i gcomhnaí é a chur i leathtaobh. Má's feall fillfear, adeir siad / Deir-eadh an tseanduine i gcomhnaí é a chailleadh. An bhfaca tú aon-seanduine ariamh dhá mhéad aois dhá mbeadh aige, nach bhfuigheadh sé bás 'san deireadh! // "Deireadh sean-ghearrán bán nó deireadh sean-mháistir scoile". = is cosamhail go bhfaghann siad bás le anshógh nó le siléig, nó go bhfaghadh roimhe seo]/ Sin é é. Deireadh sean-ghearrán bán, nó deireadh sean-mháistir scoile. Is leath-fhocal é. Chuala muid ariamh é. Diabhal mé muis go sílfeá go bhfuil cion ar na sean-mháistirí scoile ar an saoghal seo. Tá

fear aca annseo thiar, agus ní dheachaidh an oiread peiliúir
ariamh faoi shean-ghearrán bán agus a bhíos faoi! /[Sin é an deireadh
a bhéas aige faoi dheireadh muis: é a fháil básuighthe chois an chlaidhe
maidin eicínt. Deireadh sean-ghearrán bán nó sean-
mháistir scoile, adeir siad / Sin é deireadh an droch-dhuine 'chuile lá
ariamh / Sin é deireadh na droch-bhróige i gcomhnaí. Scoiltfidh sí
annsin]// "Tús agus deireadh an duine ar an teine a tharraingigheas" =
bíonn fuacht ar pháistí agus ar sheandaoine / Níl mé indon corruighe
beag ná mór ó'n teine anois. Bíonn na creaithtí fuaicht orm
má theighim go dorus. Deir siad é: tús agus deireadh an duine ar
an teine a tharraingigheas /[Tá sí mar a bheadh piodarlann de
ghasúr ann anois: scartha ar an teine igcomhnaí. 'Ar ndú' sin
é an chaoi a mbíonn an aois igcomhnaí. Tús agus deireadh an
duine ar an teine a tharraingigheas / Diabhal mé gur gearr
an bás uaitse, má tá an oiread sin fuaicht ort oíche cho
breagh léithe. Tús agus deireadh an duine ar an teine a tharraing
-igheas]/ "Deireadh luinge a báthadh: deireadh átha a loscadh;
Deireadh flath (: fleadh?) a cáineadh; agus deireadh sláinte osna".
[Rann: "Flath" a chuala mé annseo] / "Ní i dtús an mhála atá an
sparán ach in a dheireadh" (sean-fhocal. fc. sparán) / "Níl a fhios
cé's fhearr a thús ná a dheireadh" = má bhítear ag roint rud,
b'fhéidir gur diomdhaighe a bheadh an fear tosaigh ná an fear a
gheobhadh an roint dheireadh /[Beidh mise luath go leor.
Tóigidís leo í. "Níl a fhios cé's fhearr a thús ná a dheireadh." / Deir
siad nach mbíonn an chéad-fhear buidheach ná diomdhach, agus
deir siad freisin nach bhfuil a fhios cé's fhearr a thús ná a
dheireadh / Deir sibse gur indeireadh na bliana a rugadh mise,
ach deirimse nach bhfuil a fhios cé's fhearr a thús ná a dheireadh.
Má tá mé mall féin, is minic freisin a rug cú
mhall ar a cuid, agus ní bhíonn de chailleadh ar dheireadh an mhála féin /
Níl agamsa ar aon-chor ach an drioball, ach níl a fhios, adeir siad
cé's fhearr a thús ná a dheireadh]/ Ní bhfuair mise aon-tús ar an
bhfeamainn. Bhí 'chuile dhuine ann rómham, ach b'fhéidir gur eirigh an oiread
liom in a dheidh sin agus a d'eirigh le 'chuile dhuine. Níl a fhios ag duine cé's

fhearr a thús ná a dheireadh // Ní deireadh dhó seo (: sioc). M'anam nach deireadh! = níl sé thart fós / Ní deireadh do'n chogadh fós. Bainfidh siad scathamh eile as /[Shíl mé go raibh sé in a chlaochmú trathnóna, ach dar príosta, tá sé ag biadhú as aríst. Ní deireadh dhó fós (: sneachta) / Ní deireadh de'n triomach fós. Ní h-eadh muis, ná cuid de dheireadh]// Cuireann sin deireadh leis anois = críochnuigheann sin é / Chuir muid deireadh léithe trathnóna. Tá sí bainte go ceann bliana eile ar aon-chor /[Chuir muid deireadh le na sean-fhataí indé, agus dheamhan fata nuadh a bhéas le baint go ceann trí seachtainí eile / Chuir muid deireadh len a raibh de tae ann ar maidin]/ Chuir siad deireadh leis = fear a crochadh / Gabhfaidh deireadh le "Haw Haw" anois má tá sé in -greim / Chuaidh deireadh leis an duine bocht /[Tá deireadh leat má fhaghann sé siúd greim ort = márbhóchaidh sé thú / Tá deireadh leis an sean-asal anois dhá fhada go dtí é]/ Tá a dheireadh féin roimh 'chuile dhuine = bás nó slí bháis / Chuir sé deireadh leis an duine bocht sin, ach tá a dheireadh fhéin roimhe-san freisin / Fág faoi Dhia é. Tá a dheireadh féin roimhe. Má rinne sé an chréatúlacht, agróchaidh Dia air é /[Is olc an deireadh é sin ar fhear mhaith / Sin é an deir-eadh a bhí ag a leithead ariamh. Má tá muiltí Dé mall, meileann siad go mín]/ Beidh droch-dheireadh aige féin fós. Ná bac leis = an-bhás / Dheamhan duine a rinne rud de'n tsórt sin nach mbeidh droch-dheireadh aige. Beidh, má tá Dia thuas / Chuaidh droch-dheireadh ar an airgead = mí-rath /[É a chailleadh chois an chlaidhe: ní bheidh de dheireadh aige ach é. Tá Dia in a fhabhar nachar cailleadh cheana é / A dhul do'n "phoorhouse": ní bheidh de dheireadh aige ach é, ná cuid de dheir-eadh. Ach a mbeidh a bhfuil aige meállta uaidh aca siúd, gheobhaidh sé bóthar agus bata amach / Shíl sé deireadh a chur leat d'aon-iarraidh. Dhá bhfaighteá an chloch, ní fhágfadh sí deoir in do chluais / Sin é is deireadh dhó mara bhfuil ag Dia = sin é an deireadh a bhéas aige / Imeacht le druncaeracht: sin é is deireadh dhuit. Ní hé a mhalrait de chosamhlacht atá tú a chur ort féin]/ Céard ba deireadh dhó = cé'n deireadh a bhí aige / Sin é ba deireadh dhó, th'éis 'chuile rud / Liostáil: sin é is deireadh dhó sin. Níl tada eile ag cur síos leis / Sé an t-ól a thug deireadh dhó = bás / 'Sí an bhóithreoireacht de shiubhal oíche a

a thiubharfas deireadh dhó /[Is fánach an rud atá indon deireadh a thabhairt do dhuine]/ Tá sé in am deireadh a dhul ar an damhsa sin anois / Tá sé thar am deireadh a dhul ar na cártaí sin feasta / Tá deireadh a chuid fataí ithte = tá sé réidh = is gearr an bás uaidh /[Ba mhaith an daimhseóir é, ach tá deireadh a chuid damhsa déanta sílim = tá sé réidh / Ní dhéanfaidh sé aon-bhalla eile. Tá deireadh a chuid ballaí déanta / Ní mharbhóchaidh sé aon-chearc eile. Tá deireadh a chuid cearc marbhuighthe anois]/ Tá deireadh mo chuid oibre-sa déanta anois, tá faitíos orm. Is gearr a mhairfeas mé / Níl deireadh déanta aige fós (: báisteach) /[Shíl mé go raibh deireadh déanta aige, ach níl (: de shneachta) / Níl deireadh caithte aige ná baoghal air fós. 'Bhfeiceann tú cho lasta agus atá an spéir = sioc / Níl baoghal ar bith orm deireadh a bheith bainte agam fós (: móin, fataí, agus rl.)]/ Níl deireadh innsighthe agam fós = tá tuilleadh len innseacht / Beannacht Dé dhuit, níl deireadh feicthe agad fós = tá tuilleadh le feiceál / Ní bheadh deireadh a chuid scéalta sin innsighthe bliain ó indiu /[Ní bheadh a dheireadh ráidhte trathnóna agam = amhrán / Níl a dheireadh faighte fós agam = airgead a chuaidh amú / Chaithfeá dhá lá do shaoghail le na sionnaigh sin agus ní bheadh a ndeireadh marbhuighthe agad / Is maith a chruthóchas tú má bhíonn deireadh na bhfataí glanta agad amáireach / Níl deireadh ithte fós aige]/ Tá an t-amhrán siúd aige gan tús gan deireadh = an-fhada agus gan é ag teacht le chéile / Ní bheidh tús ná deireadh ar an obair sin go deo = an-mheathta, an-tsáruigh -the / Is fear gan deireadh ná tosach é = mí-stuama, liopastach / B' fhearr dhuit a dhul faoin a dheireadh seo liom = a dhul is an taobh thiar ann agus é a iompur a chongnamh dhom (: barra, mála agus rl.) / Gabh faoi'n a dheireadh agus árduigh orm é /[Tá an-deireadh fúithe (: capall) / Is cumasach an deireadh atá fúithe (bó) / Bhí deireadh an mhótair siar = chaithfeadh a thosach nó a aghaidh a bheith soir dhá réir sin]/ "Thug sé a ceann (: bád) do mhuir agus a deireadh do thír" = seoraidhe i sean-scéalta / Thug sí a deireadh dom agus shíl sí mé a bhualadh de cic / Má fheiceann tú í ag iarraidh a deireadh a thabhairt duit chor ar bith, bí ar do shon féin / Chuir sé deireadh an lorry 'san gclaidhe / Shílfeá nach bhfágfadh sé deireadh

an chairr amach ar an mbóthar mar siúd / Nach uirre atá an deireadh (nó leath-deireadh) teangmháilte (: bean) / Má thugann sí an deireadh dhuit leagfaidh sí thú = má bhuaileann sí dhá deireadh tú agus rl. / Bhí deireadh aige orm = bhí sé in mo dhiaidh; b'fhuide siar é ná mise; bhí tosach agamsa air /[Níl a fhios agam cé'n am a dtáinic sé abhaile, ach bhí deireadh aige ormsa / Cheapfainn go mbadh cheart dó a bheith annseo puinte ar bith. Is beag an deireadh a bhí aige chor ar bith ormsa ag teacht aníos ag an E. Mh. / Ba bheag an deireadh a bhí ag an gcú ar an ngirrfhiadh chor ar bith nó gur bhailigh siad suas an C. P. ach uaidh sin amach, rinne sé caoch-láimhe di / Ba bheag an deireadh a bhí ag do chapall-sa ar an gceann a ghnothuigh, ach ní raibh aon-mhaith annsin ó buaileadh í / Ní bheidh deireadh go deo leis an aimsir seo / Níl tús ná deireadh leis an mbáistigh]/ Dheamhan an tús ná deireadh do'n tsneachta seo fós / Ní fheicfidh tú deir-eadh choidhchin leis an obair sin / Is fhearr dhuit fanacht go deireadh anois /[Caithfidh mé an leitir seo a léigheamh go deireadh shul a n-imighidh mé]/ Tá sé mar sin ó thús deireadh go tosaigh. // Tá sé ag teacht 'san deireadh = tá sé ag teacht faoi dheireadh /[Feicfidh tú féin 'san deireadh gurb agamsa atá an ceart / Oibrigh leat anois. Beidh aithmhéala ort 'san deireadh = ach a mbeidh 'chuile shórt déanta agad / Cé aca de'n bheirt is fhearr 'san deireadh in a dheidh sin? / Dhá ndéanthá an saoghal mór dóib sin, aon-mheas amháin a bheadh ort 'san deireadh / Aon-chás amháin é 'san deireadh, a dhéanamh nó gan a dhéanamh.]/ D'imigh sé roimh an deireadh = roimh an gcrích; sul a raibh an rud thart nó críochnuighthe / Th'éis a raibh de chion aige ar ghasúir ariamh, ní raibh neart ag gasúr ar bith a thaobhachtáil 'san deireadh = goirid shul a bhfuair sé bás / Bainfidh mé cupla boirdín (: feamainne) roimh dheireadh an rabharta]// Tháinic olc air as a dheireadh = indeireadh na ngnaithí / Mara leigidh tú dhom, buailfidh mé thú as a dheireadh. /['Sé'n chaoi a mbeidh sé agad as a dheireadh go mbeidh tú gan Murchadha gan Mánas / Beidh tú ag míoladóireacht leis, nó go dtugaidh sé fút é as a dheireadh / Níl a fhios agam cé'n chaoi a mbeadh sé as a dheireadh marach gur árduigh mise liom T. Bhí an ceann eile an-

líomhtha ag troid / D'eirigh sé as a dheireadh, agus ghread leis /
Is doiligh a rádh céard a thárlóchas as a dheireadh. Níl aonduine indon
a rádh céard is cor do'n scéal sin fós / Gheobhaidh Sasana garbh as a
dheireadh é, agus tuilleadh ghéar de'n diabhal aice. Is fada dhá thuaradh
sin di féin í / M'anam nach bhfuil a fhios agam fhéin cé a bhéas
buidheach nó diomdhach as a dheireadh, agus dheamhan an miste liom /
Tabhair cead a chinn anois dó. É féin a bhéas síos leis as a dheireadh]/
Dhá bhfágtaí eatorra é, agus gan eadarascán ar bith a dhéanamh
chaochfadh an druinníneach beag é as a dheireadh // D'eirigh
sé faoi dheireadh agus faoi dhó agus shiubhail sé amach = faoi dheireadh
thiar; nó at length go minic. [Faoi dheoidh? Faoi dhógh? Bíonn
fuaim leathan air i gcomhnaí is an gcaint, ach thiocfadh dó gur
"faoi dheoidh" a bhí ann an chéad uair agus nuair a sheirg an focal
dheoidh, gur cuireadh focal so-thuigsionach in a leabaidh:
fearacht gleorach > glórach; fialnáire > feálnáire agus rl. Tá an
focal "cách" ag déanamh "cáit" ag daoine agus in áiteachaí ar fud na
Gaillimhe ar ala na h-uaire. Ní feasach dom go bhfuil an leagan
"faoi dheoidh" is an gcaint munab é an leagan réamhráidhte é. Ach
tá "faoi dheireadh agus faoi dhó" an-tréan isan gcaint] / D'éist mé
féin scathamh maith leis, ach faoi dheireadh agus faoi dhó, thosuigh mé ag cur
in a aghaidh. Bhí sé in a sháraidheacht ar an toirt /[Chaith sé an-fhada
idir-chamánaí nó go ndeachaidh mé féin síos chuca faoi dheireadh agus
faoi dhó agus gur fhiafruigh mé dhíob, céard a bhí fútha a dheanamh
leis, agus é a chur ar thaobh eicínt … / Bhí an laogh suas le uair idir
chnámha agus é cínnt orm fhéin a thabhairt liom. D'fhan mar sin go
ceann dá lá, agus shílfeá nach raibh daor-bhasctha di chor ar bith. Ach
bhuail donacht annsin í, agus chaith sí mí mhór fhada idir luighe agus
eirghe. Diabhal mé gur shíl mé féin go srianfadh sí as, ach cailleadh
í faoi dheireadh agus faoi dhó / Bhí sé ag imeacht ag mungailt faoin a
fhiacail, agus ag giorán (: gearán) go neámhaí, agus thob ann agus thob as
aige. D'eirigh mé féin faoi dheireadh agus faoi dhó. "Mara bhfuil rún
agad a thabhairt uait" arsa mise, "coinnigh é," agus amach liom an dorus /
Chuaidh chúig scéala suas ag glaodhach air. Tháinic sé anuas faoi
dheireadh agus faoi dhó]/ Chaith sé ceathramhadh uaire ag braithteoireacht,

agus ag cartadh an phíopa siúd. D'oscail sé a bhéal annsin agus d'fheicfeá ag leigean siar a sheile é. "Dheamhan a fhios agam fhéin", adeir sé faoi dheireadh agus faoi dhó. Is mór dhá fhonn a tháinic orm failm de chic a thabhairt do'n phíopa // Labhair sé faoi dheireadh = 'san deireadh = at last /[An bhfuair tú é faoi dheireadh? / Dheamhan an féidir go dtáinic sé abhaile faoi dheireadh / Deir tú leis a thosuigh ag caint liom faoi dheireadh / Dhá bhfaghainn leigean ar bith air faoi dheireadh, scarfainn leis an mbeithidheach ar an méid a thairg sé uirre / Agus tá sé ag dul ag pósadh faoi dheireadh! / Rinne sib an claidhe faoi dheireadh th'éis cho fada agus a bhí sib ag caint air / Briseadh é faoi dheireadh. Is fada sin ag teastáil uaidh / Má choinnigheann sib an bóthar sin seaduighthe, agus gan suaímneas ar bith a thabhairt dóib faoi, déanfar é faoi dheireadh ('san deireadh) / Cé a tháinic isteach faoi dheireadh? = cé hé an duine deireadh a tháinic isteach = who came in last? / Cé'n áit a bhfacaidh tú é faoi dheireadh? / Céard a d'ól sib faoi dheireadh? / Cé'n chruach a bhuail sé faoi dheireadh? / In óispidéal na Gaillimhe a bhí sé faoi dheireadh, ach ní raibh siad indon aon-leas a dhéanamh dhó ann / Is fhearr é ar chuma ar bith ná an áit a raibh mise faoi dheireadh / An cléireach a raibh mise ag caint leis faoi dheireadh, ní thiubharfadh sé saoradh ná séanadh dhom faoi. Thosuigh mé fhéin ag bagairt phóilíos air, ach ba shin é a raibh de mhaith ann …]/ Níor thug mé ar an "mbicycle" a bhí agam faoi dheireadh ach chúig phunt. Thiubharfainn scór air anois, dhá bhfaghainn air chor ar bith é / Chinn orm a fheiceál chor ar bith an uair faoi dheireadh a raibh mé ann / An t-ualach faoi dheireadh a thug mé liom, as an gcruaich thuas a thug mé é / Ní raibh aon-chaint air sin 'san bpáipéar faoi dheireadh a tháinic againne / An leitir faoi dheireadh a tháinic uaidh, dubhairt sé go raibh sé ag déanamh mar adéarfá leis é. /[An madadh faoi dheireadh a bhí agam, d'imigh sé le dúchas nó diabhal eicínt, agus níor facthas ariamh é. An ceann roimhe sin mharbhuigh mótar é. Níl na mádraí ag eirghe liom / Sílim go n-athruigheann sé lóistín 'chuile sheachtain mórán. An lóistín faoi dheireadh a raibh sé, is beag nachar cailleadh ann é leis an ocras]/ Bhí sé annseo an lá faoi dheireadh agus mara raibh dradaireacht le fáil uaidh, ní lá go maidin é = the "last" day, the "other"

day = an lá cheana / Chaith sé tamall mór ag caint leis an lá faoi dheireadh / Tháinic sé isteach annseo an lá faoi dheireadh, agus hébrí cé'n sórt caint a bhí ar siubhal aca sin tháinic buile chatha air nach ndeachaidh na daoine ag bhótáil /[Níl tada é indiu ar ghualainn an lá faoi dheireadh. Sin é an lá a raibh sé spréachta! / An bhliain faoi dheireadh a raibh sé 'san mbaile, ní dhearna sé tigheachas ar bith. Dheamhan mórán le seachtain a chaith sé annseo sílim]/ "An rud a bhíos dhá shíor-luadh, teagann sé isteach 'san deireadh"; nó "déantar é 'san deireadh" (sean-fhocal) = má bhíonn síor-chaint faoi rud, déantar é 'san deireadh; nó má bhíonn síor-fhaitíos roimh rud, teag-ann sé isteach 'san deireadh /[Agus rinne tú an cliabh! Dar fiadh is ait a chruthuigh tú! An rud a bhíos dhá shíor-luadh, teagann sé isteach 'san deireadh / Agus tá sí pósta indiu. Is minic cheana a bhí sí in ainm agus a bheith ag dul ag pósadh, ach an rud a bhíos dhá shíor-luadh, chreidim go dteagann sé isteach 'san deireadh / Ní theagadh iadhadh air le mo chuímne ach ag caint ar an mbás, agus chreidim an rud a bhíos dhá shíor-luadh go dteagann sé isteach 'san deireadh. Tá sé féin imighthe anois, an duine bocht!]/ Tá an cogadh anois ar ghort abhaile thar agus ariamh. Is minic a chuala mé luaidreáin ó a thosuigh sé, go dtiocfadh sé go h-Éirinn shul a stopadh sé, agus an rud a bhíos dhá shíor-luadh, déantar é 'san deireadh // Rinne sé é faoi dheireadh thiar = rinne sé é faoi dheireadh thiar thall = rinne sé é as deireadh na cúise = indeireadh na scríbe = as deireadh na faidhleála = as deireadh na rúcála / Tháinic tú faoi dheireadh thiar 'nuair a chinn ort is 'chuile áit eile /[Agus tá sé thart faoi dheireadh thiar. Dar mo choinsias, má tá féin, tá sé in am sin aige = at long last (at last = faoi dheireadh) / Tá rún pósta aige faoi dheireadh thiar! M'anam nach miste dhó sin ach oiread! Is fadó an lá ó dubhradh gur mhac é / Thug sé dhom é faoi dheireadh thiar, agus mé 'mo shiún sincín aige dhá iarraidh air leis an fhad seo]/ Agus bhásuigh sé faoi dheireadh thiar! Bhí aois chapall na muintire aige sin go ndéanaidh Dia grásta air! / Rinne sé é faoi dheireadh thiar thall 'nuair a bhí muid sáruighthe ag tuineamh leis. Má rinne féin, ní mórán slaicht a chuir sé ar a shaothar. Is mór an ghráin é. B'fhearr liom gan

déanamh é anois! / Faoi dheireadh thiar thall tháinic sé i leith go dtí mé agus dubhairt sé i gcogar liom a dhul in éindigh leis … /[Agus d'eirigh tú as an gcaoineachán faoi dheireadh thiar thall! Dar príosta is ait a chruthuigh tú! / Tá sí bainte aige ar éigin faoi dheireadh thiar thall, ach 'sé a bhfuil ann é, 'sé sin / Is fada atá sé ag gealladh dhom, ach fuair mé í faoi dheireadh thiar thall / Tóigeadh é faoi dheireadh thiar thall. Nar theag -aidh sé amach choidhchin muis! Is iomdha mailís atá déanta aige ar dhaoine bochta, ó a thosuigh sé ag díolachán annsin. / Is beag nach bhfuil sé curtha aige faoi dheireadh thiar thall. Cidh Dia muise go bhfuil sé in am sin aige.]/ Níl a fhios agam féin céard a dhéanfas sé as deireadh na cúise (i ndeireadh na cúise) = as a dheireadh; faoi dheireadh thiar thall; nuair a rachas sé ar an sciain is géire; "in the last analysis". / Dhíol sé an bhó ar na chúig phunt dhéag as deireadh na cúise. Chreidim go mba mhór leis a tabhairt abhaile / Déarfá nach raibh sé an-líomhtha ag a pósadh, ach phós sé í as deireadh na cúise. Má phós a mhaisce, fuair sé spré mhór / Is beag 'e mheas a bhí againn air sin, ach diabhal mé go ndéanfaidh sé gníomh as deireadh na cúise /[Níl fear ar bith indon a rádh céard is cor do'n chogadh seo as deireadh na cúise / Agus nach hé S. a raibh an ceart aige as deireadh na cúise. 'Deile? / Má tá tú sáthach fad-bhreathnuigheach, is follasach duit féin as deireadh na cúise gur mise atá ag rádh na fírinne / Ghoin m'aire mé indeireadh na scríbe, ach bhí an anachain déanta = faoi dheireadh thiar; indeireadh na cúise / Imreochaidh sé ort indeireadh na scríbe nó is ait a oibreochas tú! / Ní bheidh aige ach cuid de'n mhagadh indeireadh na scríbe]/ M'anam go mba mise ba lugha tuirse indeireadh na scríbe = indeireadh an aistir / Foighid ort go mbeidh muid ag deireadh na scríbe. Annsin tig linn a' (: ar) rogha rud a dhéanamh. Maidir len a dhul ag déanamh moille faoi bhealach! / Indeireadh na scríbe, níl fear ar bith is fhearr ná an té nach gcuirfidh araoid ar cheachtar aca, ach cead aca fhéin a phléidh le chéile /[Feicthear dhomsa indeireadh na scríbe nach bhfuil goir ag fear ar bith ar an saighdiúr. Breathnuigh ar J. Ph. Feacha a bhfuil sé a fháilt d'airgead! É féin agus a bhean agus a chuid gasúir fré chéile! / Bainfidh ceann eicínt aca amach é, má theigheann siad 'un dlí, ach i ndeireadh na scríbe, is cuma eatorra é. Is beag is fiú an áit

nuair a bhéas na dligheadóirí réidh leis]/ Tháinic sé amach ar lom an bhóthair as deireadh na faidhleála, agus d'iarr sé fear ar bith dhá raibh ann ag troid = as deireadh na cúise / Thusa a bhéas síos leis as deireadh na faidhleála, agus ní eisean /[As deireadh na faidhleála ba mhian leis a dhul ar lághaidheacht, ach diabhal cos an chinn eile nach ag borradh leis an achrann a bhí sé]/ Gheobhfadh sé faoi na foraí é as deireadh na rúcála marach gur dealuigheadh iad = bíonn achrann nó siúite nó glacamas lámh i gceist annseo go h-iondamhail .i. "rúcáil achrainn". / Dheamhan a fhios agamsa cé a bheadh donuighthe indeireadh na rúcála, marach an ghrifisc sin thiar a theacht ann // Is mór a chuirfeas an bháisteach seo an Foghmhar 'un deireadh = siar; gan é a bheith in alt a bhainte cho luath agus ba cheart dó; amanntaí 'un donachta freisin / Bliain fhliuch a bhí innte. Beidh an t-arbhar 'un deireadh = siar; deirtear "ar deireadh" freisin scaithtí / Ní fheicfidh tú aon-fhata nuadh isteach imbliana nó go gcaithtear Domhnach Chrom Dubh. Chuir an sioc sin faoi Bhealtaine 'un deireadh ar fad iad /[Is mór atá na cnothannaí 'un deireadh imbliana: bliain thirm / Is beag an dochar dóibh a bheith 'un deireadh fhéin agus gan aon-scalán gréine a fháil le dhá mhí, ach scalán fánach / Diabhal mórán a chuirfeas an múr sin 'un deireadh iad, mara dteagaidh tuilleadh. / Tá an crainnín sin go mór 'un deireadh le h-ais a bhfuil eile aca ann. Meastú cé'n chiall? Shílfeá go bhfuil sé in áit cho cóireamhail le ceachtar aca / Is mór an cur 'un deireadh orm na cupla lá sin a chaith mé ar an leabaidh. Ba iad an dá lá móna ab fhearr an bhliain seo iad. Dhá mbaininn dhá shleághan an t-am sin agus a caitheamh suas in a cora, bheadh sí tirm anois]/ Tá dasachaí go h-árd as cionn talmhana, ach má tá indán agus go dtiocfaidh glasreodh ar bith seaca, is an-chur 'un deireadh orra é / Is diabhlaí an cur 'un deireadh orm nach bhfuil an capall agam. Bheadh an fheamainn seo amuigh ar na garrantaí agam cupla uair an chluig de lá, thar agus a bheith ag sceidínteacht mar seo léithe in a boirdíní asail /[Ba mhór an cur 'un deireadh air leis an scaradh nach raibh barra aige. Ní bheadh stró ar bith í (: móin) a scaradh annsiúd le barra. Tá plás réidh ann / Is cur 'un

deireadh ar na daoine annseo, nach bhfuil bealach portaigh aca
díreach suas ó'n mbaile, agus gan dhá mhíle tiompaill
(timpill) a bheith orra, mar atá]/ Tá tú 'un deireadh leis an gcur
imbliana = níl an oiread curtha agad agus ba cheart a bheith an tráth
seo / Tá sé ag dul 'un deireadh = ag dul ar gcúl; tá sé ag tabhairt
uaidh; gan an spreacadh ag fanacht ann, nó an mhaith / Tá na fataí
ag dul 'un deireadh = ag feochan; na dasachaí ag slabhcadh /[Níl rása ar
bith dhá saoghal is fhearr an fear ná an darna rása, ach ó a bhéas
sé sin bailighthe aige, gabhfaidh sé 'un deireadh / Tá sé in am aige a
bheith ag dul 'un deireadh. Nach bhfuil sé go h-árd as cíonn an dá
scór? / Is mór a chuaidh sé 'un deireadh ó a chonnaic mise go deireann
-ach é. Tá sé in a scairíneach ag an obair / Dheamhan ionga ná
orlach ag teacht ar na h-oinniúin sin amuigh. Ag dul 'chun deireadh
atá siad, sílim / Is diabhlaí nach mbeadh biseach eicínt faoi'n
laogh beag sin, agus an aire atá dhá thabhairt dó. Ach dheamhan é. 'Sé
an chaoi a bhfuil sé ag dul 'un deireadh]/ Tá mé ró-mhór 'un deireadh
anois le dhul ag comórtas le buachaill óg mar thusa, ach bhí lá
ann, agus ní bheadh tuilleamaí ar bith agam leat le láighe ná le
sleághan ná le aon-obair eile / Ag dul 'un deireadh a bhéas tú 'chuile
lá feasta // Tá tú ar deireadh leis an gcoirce = 'un deireadh (fc. thuas
l. 18-19) / Tá an Foghmhar ar (: 'un) deireadh imbliana / Ná fág tú
féin ar deireadh = ná fág thú féin gan tada, nó taobh le cuid an
bheagáin (le duine a bheadh ag roint ruda); ná déan droch-eineach ort
féin /[Má fhágann tú é siúd ar deireadh, ní bheidh aon-seasamh faoi
chaolachaí an tighe leis / Roinn mé é cho cothrom agus a d'fhéad mé agus an
té atá ar deireadh bíodh. Dheamhan neart agamsa air. Is leor
do dhuine dhona a dhicheall a dhéanamh / 'Sé an chaoi a bhfuil an
saoghal seo: bain amach a bhféadfaidh tú, agus an té a bhéas ar
deireadh, a chead sin a bheith aige. 'Chuile rud ag luighe ar an lagar
agus an lagar ar an talamh / Ná bac thusa le S. ach tapuigh do chuid
fhéin cho uain agus a fhéadfas thú. 'Sé S. an fear céadna nach mbeidh
ar deireadh feicfidh tú fhéin air. Tá sé sin sáthach triollúsach
len a cheart a bhaint amach]/ Tá truaighe agad do Bh. Ná bíodh muis
ná a dhath. Ní bheidh B. ar deireadh, deirimse leat, má bhíonn fód

ar bith ag aonduine eile 'san tír / Ní bheidh sé sin ar deireadh d'fhuireas -bhaidh posta. Tá éadan aige ar chaoi ar bith, bíodh foghluim air nó ná bíodh! / 'Sé fear a rointe atá ar deireadh. Breagh nachar choinnigh tú stiall duit féin /[Tabhair an leabhar air, nach bhfágfaidh D. é féin ar deireadh, hébrí cé a bhéas uireasbhach / "An Té a chruthaigh Neamh agus talamh, níor fhága sé É Féin ar deireadh" [sean-fhocal] = níor fhága Dia É Féin ar deireadh; coinnigh sé rud eicínt Dó Féin; 'sé ceart fear rointe nó fear ceannais gan oirille a dhéanamh air féin]/ An t-airgead sin atá dhá leigean amach! Gheobhfaidh mise agus tusa a (: ar) gcuid dhó (: dhe), ach an Té a chruthuigh Neamh agus Talamh níor fhága Sé É Féin ar deireadh. Beidh an ceann-reamhar ag na comhairleachaí / Fuair P. seacht gcínn, M. seacht gcinn, agus cuid ar leith na coimhlinnte mar adeireadh P. T. ag fear na h-eangaighe. Ní taobh le seacht gcinn a bhí sé ar chaoi ar bith, ach an Té a chruthuigh Neamh agus Talamh níor fhága Sé É Féin ar deireadh. Sin é an chaoi a mbíonn sé /[Thug sé búrla nútaí (: nótaí) do'n Gh. "Roinn amach iad sin ar na fir sin" adeir sé, agus isteach leis féin 'sa teach. Fuair 'chaon duine aghainn dhá raibh ann punt an duine hé brí cé mhéad a d'fhan ag an G. in a dhiaidh sin. Bí siúráilte nach hé cuid an bheagáin é. An Té a chruthuigh Neamh agus Talamh níor fhága Sé É Féin ar deireadh, adeir siad]/ Tá siad sin in ainm agus a bheith dhá dhéanamh sin in aisce — gan pighinn gan bonn — ach ní bhíonn siad gan ailp a bhaint as in a dheidh sin. Cuirfidh mise geall leat gur mó a gcion féin di as deireadh na cúise ná cion na ndaoine bochta a roinneann siad orra é. An Té a chruthuigh Neamh agus Talamh níor fhága Sé É Féin ar deireadh. Ní fhágfaidh siadsan iad féin ar deireadh ach an oiread // Tá sé in a dhiúin agus in a dheireadh lae (fc. diúin, neoin) / Bhí sé in a dhiúin (nó niúin) bheag agus in a dheireadh lae / Bhí sé in a dhiúin bheag agus in a dheireadh lae, an capall ag dul ar scáth na cupóige agus an chupóig ag dul do'n Domhan Soir … (as sean-scéal) / Hébrí céard é a thús is seafóid a dheireadh i gcomhnaí = b'fhéidir go mbeadh tús na cainte ciallmhar ach bíonn a deireadh in a seafóid / Hébrí céard é a thús, is iad na mná a dheireadh agad i gcomhnaí /

Deireadh, deireannach (: d ʼ er ʼ ə; d ʼ er ʼ əw nó d ʼ er ʼ ū go minic má theagann guth in a dhiaidh .i. lá deireadh an domhain. d ʼ erɴəx : d ʼ erəɴəx): aidiachta.
Deireadh: an ceann atá ar deireadh, ar cúl nó thiar amuigh; an ceann a bhíos ar dheireadh na sratha; codarsna "tosaigh"
Deireannach: ar deireadh; deireadh; mall; fada amach; late; "lastly"
Déidheannach: deireannach [Ina chuingir le deireannach. Ní feasach dom go bhfuil sé is an gcaint as fhéin].

Is é an fear deireadh é [an cheathramhadh dheireadh, an uair deireadh, an buidéal deireadh, an béilí deireadh, na cosa deireadh, an dé deireadh, na preaba deireadh (deireannacha), an teile dheireadh, an bhilleog deireadh, an stuca deireadh, an lá deireadh, an blogam deireadh, an oíche dheireadh, an bealach deireadh agus rl.] /[Ba mise an fear deireadh ag teacht abhaile / 'Sé an mac deireadh é atá aice / 'Sé an fear deireadh é a n-iarr -fainn tada air = d'iarrfainn ar 'chuile fhear eile é 'un tosaigh air / 'Sé an fear deireadh é le dhul aige ag iarraidh cáirde air / Sin é an áit dheireadh a chruthuigh Dia = droch-áit / An tusa an fear deireadh ar an liosta?]// "Íocfaidh an fear thoir an fear thiar agus íocfaidh Dia an fear deireadh" = ní bheadh duine ar bith íoctha 'san deireadh. Bheadh gach duine dhá chur ó dhuine go duine. 'Sé an "Kathleen Mavourneen system" é / Cé a íocfas J. nuair a bhéas an dream eile ar fad imighthe as an teach? Cuirfidh P. go dtí M. é, agus cuir-fidh M. go dtí mac Ph. Th. é, ach 'sé'n an scéal é faoi dheireadh thiar: íocfaidh an fear thoir an fear thiar agus íocfaidh Dia an fear deireadh / Níl aon-mhaith 'san ngealladh sin domsa! 'Sé'n chaoi a bhfuil sé sin, mar adeir an ceánn eile: íocfaidh an fear thoir an fear thiar agus íocfaidh Dia an fear deireadh. Ach déarfaidís freisin go bhfuil Dia go maith faoi thrócaire ach nach bhfaightear bróga gan airgead. Íocaidheacht atá mise a iarraidh / Thosuigh siad de mo chur ó dhuine go duine, leis an aisiléaracht sin, agus dubhairt M. faoi dheireadh, go gcaithfinn fanacht go dteagadh S. abhaile agus go dtiubhradh sé sin dom é. Chonnaic mé féin gurb é an chaoi a raibh sé go n-íocfadh

an fear thoir an fear thiar agus go n-íocfadh Dia an fear deireadh. Shuidh mé féin síos. "Seo ní fhágfaidh mé" arsa mise "dhá gcaithinn bliain ann, nó go bhfaghaidh mé é" / Nach deas a shíl siad imirt -eas ort: gan ceachtar aca ag tabhairt saoradh ná séanadh dhuit faoi. Sin é a fearacht é ag: íocfaidh an fear thoir an fear thiar agus íocfaidh Dia an fear deireadh // Ba mhinic na caiple deireadh ag dul 'un tosaigh = is minic go scothann rud nach mbíonn deagh-chosamhlacht ar bith air, an rud ar foghnamh; is minic an té a bhíos ar bheagán bráigill go sceinneann sé amach thar lucht mór-mhaoine /[Ná bac leis sin. Caithfidh 'chuile dhuine tosach a dhéanamh 'san saoghal. Ar chuala tú ariamh é: is minic na caiple deireadh ag dul 'un tosaigh / Shíl mé dheamhan lá ratha a bheadh ar an ngamhainín sin go deo, agus nach maith a sceinn sé amach in a dheidh sin. Deir siad gur minic na caiple deireadh ag dul 'un tosaigh / Chonnaic tú féin annsin thuas é: M. P. nuair a phós sé isteach 'san teach sin. Ní raibh bonn bán ar an áit. Bhí gubh ag 'chuile dhuine dár bhain leis air: ag ceapadh go mb'fhurasta dhó pósadh ní b'fhearr a dhéanamh. Breathnuigh air indiu: an bhfuil aon-fhear istigh ar an gceathramhadh is deiseamhla ná é. Is deacair deirimse leat, tada a rádh. Ba mhinic na caiple deireadh ag dul 'un tosaigh]/ Tá muid ar an gcúig. Dhá dheich agus a cúig é chreidim. Bíodh meisneach agad annsin thall. Deir siad gur minic na caiple deireadh ag dul 'un tosaigh / Tá tú ar an gcaol-chuid, ach ná cuireadh sin aon-droch-mheisneach ort. Is minic na caiple deireadh ag dul 'un tosaigh // Ritheadh muid rása agus múchadh agus báthadh ar an bhfear deireadh! / Sin é an buidéal deireadh (: deireannach freisin) / Thug mé an gráinne deireadh de'n tsóidí do mhac an Ch. ar ball. Dheamhan gráinne eile 'san teach /[Seo é an stuca deireadh. Tá sé tárluighthe ar fad anois / Mara mbeadh ann ach an blogam, thiubharfadh sé an blogam deireadh dhuit / Thiubharfadh sé an greim deireadh in a theach dhuit dhá mbeadh aon-rud aige ort / Tá sé in a shuidhe ar an teile dheireadh (fc. teile) / Seo é an lá deireadh a mbeidh mise ar an gceird seo ar chaoi ar bith]/ Sin é an bealach deireadh le

dhul ann muis = is droch-bhealach é má bhí bealaighe eile ag dul ann / Tá sé ar an dé deireadh (fc. dé) / Tá an cheathramhadh dheireadh (dheireannach) de'n ghealaigh ann anois / Tá an ghealach ar an gceathramhadh dheireadh /[Rachamuid ann ar an gceathramhadh dheireadh de'n ghealaigh / Tá sí (: an ghealach) ag dul amach 'san gceathramhadh dheireadh anois / Tá tú 'san gceathramhadh dheireadh di anois]/ Tá sé ar na preaba deireadh [ar na preaba deireannacha (fc. preaba)] / Tá an rotha deireadh bog (carr, rothar agus rl.) / Caithfidh tú gaoth a chur 'san roth deireadh. Tá sé 'na leathnóig / Tá an seol deireadh leagtha aice (: bád) / Tá na cosa deireadh buailte suas aice /[Tá rud eicínt uirre igceann de na cosa deireadh / Dhá bhfeictheá í ag eirghe ar a cosa deireadh / Thóg sí táirnge i mbradán na coise deireadh / Shílfeá nach bhfuil aon-tapa mhór innte as na cosa deireadh ar chaoi ar bith]/ Thosuigh sé ag cur a chosa deireadh uaidh = thosuigh sé ag cur a chosa uaidh (fc. cosa) / 'Sé indiu lá deireadh an tsamhraidh (lá deireadh an Carghais, na bliana, na míosa agus rl.) / Eireochaidh 'chuile dhuine ar an lá deireadh = lá an bhreitheamhnais /[Beidh scéal aige air ar an lá deireadh / Dhá mbadh é lá deireadh (dʼerʼūː dʼerʼəw) an domhain é, ní fhág -faidh mé seo go gcríochnuighidh mé é / Shílfeá go mbadh é lá deireadh an tsaoghail aige é an chaoi a raibh sé ag guidhe. Agus níor tháinic táirm ar bith air, nó go bhfaca sé mise ag tiacht]/ Ar lá deireadh an domhain, beidh do chuid peacaí ar chlár t'éadan, agus cead ag a rogha duine a léigheamh / Phós sé ar lá deireadh na h-Inide! Beannacht Dé dhuit! Dhá mbadh é lá deireadh an domhain é, ba ghearr ar siúd pósadh! / Sé indiu lá deireadh an airgead acraí: an lá cáirde. Dheamhan ar íoc muide fós é muis ná cuid d'íoc /[Tá leath-luighe deireadh briste ar an gcarr / Tá an t-acastóir deireadh cliste in mo "bhicycle" / Tá cois deireadh na cathaoireach briste / An bhfaca ceachtar agaibh billeoig dheireadh an páipéir. / Tá sé luath aige a bheith in a shneachta aríst, agus gan an sneachta deireadh leáighte fós / Hébrí céard a rinne sioc ar bith muis, 'sé an sioc deireadh a rinne an chreach. Níl fata 'san tír nachar scál sé /

Deireannach:

Céard a rinne tú leis an leabhar dheireannach a bhí agad? = an ceann deireadh; an ceann a bhí agad faoi dheireadh [i leaganachaí de'n tsórt seo, níl aon-idir-dhealbhú ag "deireadh" agus "deireannach" le chéile, cé gur minice "deireadh" le ainm-fhocal measaim ná "deireannach." Ach bíonn áiteacha nach n-abróchaí deiridh le ainm-fhocal .i. "an ceann deireannach de'n lá", "an baile deireannach" agus rl.] / Sin é an béilí deireannach sean-fhataí i mbliana. Tá siad ídighthe anois /[Bainfidh muid an béilí deireannach as an iasc indiu. Ba mhór an seasamh aige é / Tá an fata deireannach ithte agad, má bheirim ort istigh ann-sin aríst / Cá'id ó d'ól tú an ghloine dheireannach phoitín? / An píopa deireannach a bhí agam chaill mé é / An scian dheireannach a chuaidh síos ann, níor chuir siad abhaile fós í / Seo é an malach deireannach de'n fheamainn anois / Tá an fód deireannach dhá chuid móna caithte / Tiocfaidh an ceann deireannach de'n lá fliuch (fc. ceann)]/ Tá sé in am ag an gceann deireannach a bheith ar fáil feasta (leitir, bó, gluaisteáin, daoine agus rl.) / Seo í an leitir dheireannach [: an leitir a tháinic scathamh ó shoin; nó, an ceann nach dtiocfaidh leitir ar bith eile in a dhiaidh, late: last] Ar an dá luath agus ar dhubhairt sé an focal deireannach amach leis // Tá sé deireannach = mall is an ló / Is deireannaighe ag teacht indiu é ná indé /[Tá sé an-deireannach 'san oíche / Bhí sé dubh-dheireannach 'san mbliain len a gcur / Ar fhan sé deireannach aréir?]/ Chuaidh mé ag an Aifreann deireannach (: late mass nó last mass) / Bhí sé buille deireannach 'san maidin nó go dtáinic sé / Níl gnatha ar bith aige sin a dhul ar cuairt. Fuirigheann sé ro-dheireannach / Cé'n chaoi a bhfuil an cur deireannach ag cruthú dhuit? /[Tá sé deireannach anois le crainte a chur / Nach deireannach a fhanann sé 'san ngarrdha! / Chonnaic mé ag teacht anoir deireannach é. Meastú, an raibh sé i nG. = leis an gcomhtráth; le tuitim na h-oíche / Nach deireannach a leig tú ort féin é? / Is maith deireannach a leig sé air féin é agus gan corruighe go dtí anois]/ Má's lib imeacht anocht, ná leigidh

ro-dheireannach oraibh féin é. / Is diabhlaí deireannach a leigeas sé
air féin i gcomhnaí é /[Cé'n t-am é? … Nach maith deireannach é! /
Ba mhaith deireannach indé — th'éis an seacht a chlog go h-árd —
nuair a chuaidh sé siar / Tá an bus deireannach indiu /
Ar an mbus deireannach a bhí tú aníos? [= an bus deireadh; nó
bus a bheadh ann mall 'san ló] / Tá sé deireannach agam imeacht
anois ó thárla, nachar imigh mé ó mhaidin / Tá sé deireannach
agad anois a bheith dhá rádh = ro-mhall / Tá an cíos deireannach
le seachtain = tá an lá cáirde caithte le seachtain / Beidh an
t-airgead sin deireannach ó indiu amach / Tá na "rates" deireann
-ach le coicís. Tá sé thar am a n-íoc / Beidh an Carghas an-deireannach
imbliana = amach ibhfad / Tá gealach dheireannach ann anois =
deireannach 'san oíche / M'anam gur túisce a bhéas na fataí
deireannacha isteach imbliana ná na fataí luatha / Tá sé an-
deireannach agad a dhul amach anois / Beidh sé deireannach ort
ach a mbeidh tú 'san mbaile / Nach hé a bhéas deireannach air agus an
t-aistir atá roimhe! / Tá sé deireannach ort bail ó Dhia ort. Céard
a chuir an mhoill ort?]/ Ná bí deireannach anois leis an móin
= teara in am léithe / Ní rud duit a bheith deireannach
leis an airgead sin dhá íoc. Fear maith a bhéarfadh duit é / Ná
fág deireannach é. Déan é in am / Bíonn an fear deireannach ar
deireadh igcomhnaí = ní eirigheann mórán de rud ar bith a bhíos
ag imeacht leis / Tá sé an-deireannach air anocht hébrí cá'r
fhan sé / Bíonn sé amuigh moch agus deireannach /[Bíonn sé ar bóthar
moch agus deireannach / Ní fhéadfadh sé sin gan rudaí a fheiceál. Bíonn
sé amuigh moch agus deireannach / Tá sí moch agus deireannach i m'éadan.
Maidir le suaimneas, níl a leithide agham / Má's moch deireannach
anois é caithfear a dhul ann / Sin é a mhaith agus a mhaoin sin:
moch agus deireannach ag léigheamh páipéir / Tá sé ag fás deireannach
= ag eirghe deireannach [chuala mé an leagan seo ag seandaoine
a bhí d'fhuireasbhaidh Béarla, agus bhíodh sé aca i sean-scéalta. Ní
mheasaim gurb é an Béarla "growing late" a bhí ag dul i gcion
orra. Tá sé ionann agus seirgthe anois, agus "ag eirghe deireannach"
in a leabaidh] / Tá sé ar na preaba deireannacha (fc. preaba) /

Níl an rud sin le feiceál ar na saoghaltaí deireannacha seo chor ar bith = le gairid / Cogadh ar fad an domhan ar na saoghalta deireannacha seo /[Níl tada le fáil ar na saoghaltaí deireannacha seo ach dalladh báistighe. Maidir le tada eile, níl sé ann / Sílim go bhfuil neart "feaigs" le fáil arís ar na saoghaltaí deir-eannacha. Bhí an áit an-bhuailte in a dtaobh tá mí ó shoin / Leig sé faoi go mór ar na saoghalta deireannacha seo. Chonnaic mise é sin, agus ba deacair mí-aighneas a chur air. Ba é an droch-mhac é! / Meastú cá'r thug sé a aghaidh? Ní chloisfeá scéal ná scuan faoi ar na saoghalta deireannacha seo hébrí cá'r chroch sé a sheolta / Níl trácht ag aonduine ar "boxty" ar na saoghaltaí deireann -acha seo th'éis nach mbíodh siomsán ar bith ann fadó ach é. Ba bhreagh é freisin le bolg duine a líonadh]// Chonnaic mé é an lá deireannach = an lá faoi dheireadh (fc. Deireadh ainm-fhocal) / Dubhairt mise leis an lá deireannach gan mé a thaobhachtáil níos mó agus ní fhaca mé ó shoin é / Ab shin é an rud a bhí sé ag iarraidh an lá deireannach? Muise nar ba hé amháin dó le caoi a bheith air! // Beidh tú deireannach mara gcuiridh tú bealadh faoi t'ioscadaí // Níl aon-chaoi ar Sheán bhocht. Tá sé deireannach = ag tarraint ar an mbás; níl indán eirghe dhó, ach b'fhéidir dó maireachtáil scathamh eile /[Cé'n meas a d'fhéadfadh a bheith ag duine ar bith air? Nach furasta aithinte go bhfuil sé deireannach. Siúd ní fhágfaidh sé / Deir sí seo thíos go bhfuil sé deireannach, ach ní minic deagh-scéal ag an gceann céadna. Diabhal mé go gceapfainnse go bhfuil sé an-spleodrach thar agus mar bhí sé le seachtain / Níl aon-tsúil aca leis, agus níl aon-tsúil le bheith leis ach oiread. Tá sé deireannach déarfainn. Tá scéin an bháis idir a dhá shúil]/ Déarfainn rud eicínt leis go dtí indé, ach tá sé deireannach cheapfainn. Tháinic scamall ar na súile aige le cupla lá. Níl aon-aithne aige anois ach aithin dhona. Níor aithin sé J. C. trathnóna / Tá mo dhuine bocht deireannach, agus is mór an scéal sin. Ach céard a eireochas dhá áilín? / Níl mórán lúid ann. Is beag é. Ach ní cheapfainn go bhfuil sé deireannach. B'fhéidir go srianfadh sé as, ach beidh

liostachas fada air /[Tá sé deireannach. Sin é biseach an bháis atá air anois. Gheobhaidh sé rud le déanamh agus an tseachtain a shárú / Bhuail sé in éinfheacht é. D'aithin mé air trathnóna Dia Domhnaigh go mbadh fear é a bhí deireannach. Bhí a shliocht air. Bhásuigh sé Diardaoin / Tá sé ag goid an bhealaigh leis. Sin é an méid. Tá sé deireannach. D'aithneoch -adh dall gan súil é]// Cá'id ó a bhí sé annseo go deireannach? = an uair dheireadh a raibh sé annseo / Cé'n uair a bhí sé annseo go deireannach [cé'n uair a bhí sé annseo deireannach? = when was he here late] / An lá a raibh mé istigh go deireannach faoi, ní bhfuair mé sásamh ar bith /[Cá'id ó casadh dhuit go deireannach é / Ní fhaca mé é ó'n lá a raibh mé inGaillimh go deireannach / An uair a bhí slaghdán orm go deireannach, tháinic sé anuas annseo ag breathnú orm agus a bhuidéal fuisce aige / Cé'n áit i Sasana a raibh tú go deireannach? … an raibh páighe mhaith annsin? / Cé'n teach ar an mbaile seo a raibh an sagart go deireannach ann? … Tá dhá bhliain eile air mar sin shul a bhéas sé againne / Inghean le P. Ph. as R. a bhí aige an chéad-uair. Cé'n bhean a bhí pósta aige go deireannach? / Ara nach mbíonn sé ar an tsiúite sin i gcomhnaí. Cé leis a raibh sé ag troid go deireannach? … An-ghiota de bhuachaill a mh'anam / Ní raibh mé ar an bportach go deireannach le coicís ó indé. Agus níor thug mé liom ach bord na cruibeach. Déarfá nach bhfuil muid ag ídiú mórán móna / "Is fearr go deireannach ná go bráth" (sean-fhocal) = is fhearr an mhoill fhéin ná gan an rud a theacht i gcrích chor ar bith; "is fhearr súil le muir ná súil le ithir" / Tháinic sé faoi dheireadh dhá fhada go dtí é, ach is fhearr go deireann -ach ná go bráth, arsa tusa]/ Tá chúig bhliana fós uirre sin shul a bhéas sí in a máistreás. Is fada an fanacht é, ach dhá mbeadh sí amuigh, choinneochadh sí deoladh leis. Is fhearr go deireannach ná go bráth, ach deir siad freisin go bhfaghann na ba bás an fhad agus a bhíos an féar ag fás / Dar liom féin go bhfuil corr-cheann aca ag teacht. Níl siad loicthe ar fad. Shíl mé nach dtiocfadh aon-cheann aca go sleibhe. Ach is fhearr go deireannach ná go bráth 'ar ndú' / Shíl mé dheamhan súil a leag-fainn ar an aon-phighinn dhe go bráth. Bhí sneachta caithte agam ar a lorg. Ach is maith anois fhéin é. Is fhearr go deireannach ná go bráth, arsa tusa / Agus tá duine cloinne aice faoi dheireadh! Is fhearr

go deireannach ná go bráth, mar adeir an ceann eile //

Déidheannach / Sin é an ceann deireannach déidheannach = an ceann deireadh ar fad; an ceann deireannach críochnuighthe; the very last one [níor chuala mé deidheannach is an gcaint ach in a chuingir le deireannach mar sin. Ní mheasaim go bhfuil sé ann ar a aghaidh féin] / Seo é an lá deireannach déidheannach agam istigh annseo choidhchin / Chaith mé an phighinn dheireannach dhéidheannach a bhí agam leis, agus sin é m'ómós agus mo bhuidheachas anois faoi dheireadh thiar /[Ba é an fear deireannach déidheannach é a tháinic. Bhí an altóir ar fad tóigthe roimhe / Sin é an fód deireannach déidheannach a gheobhfas sé 'san teach seo. Teigheadh sé agus baineadh sé í feasta má's breagh leis. Tá congnamh aige féin cho maith agus atá againne / Sin í an ubh dheireannach dhéidheannach anois 'san teach agus gan a fhios cé'n uair a bhéas ach oiread. Tá na cearca fré chéile gaibhte ó bhreith / Casadh liom lá inG. í, agus í in ainriocht. Ní fhaca tú duine ar bith ariamh ba bhoichte béal ná í. Thug mé mo phunt deireannach déidheannach di, mar rinne mé truaighe di. Meastú arbh iongantaighe liom an sneachta dearg ná an lá aonaigh a bhí chugad, í a fheiceál ag ceannacht cuingir bhulán annsin thoir. Ní fhaca mise aon-amharc ar mo phunt ó shoin]/ An "feaig" deireann-ach déidheannach a bhí agam scar mé leis ar ball. Bhí an leota seo thuas ag imeacht scrúdtha, agus banlá dhá theanga amuigh. Chaith mé aige é! / Aindeoin a raibh aca annseo scathamh, sin í an ceann deireannach déidheannach anois. Chuaidh scaipeadh orra anonn agus anall. Ní bheadh grásta Dé agad 'san teach seo nach dtiubharfaí uait é /

Deireannas; Deireannadas; deireannaighe [d ' erNəs, d ' erəNəs; d ' erNədəs; d ' erNī, d ' erəNī]: ainm-fhocla; fireann ach amháin deireannaighe; geineamhnach uathaidh: deireannais; deireannadais. Deireannas, Deireannadas, Deireannaighe = an aimsir le goirid; an saoghal le goirid, le scathamh anuas; mall 'san ló, 'san oiche, 'san mbliain, 'sa maidin agus rl. [mar ainm-fhocal, freagruigheann sé do "dheireann -ach" = late. Tá "deireannas" agus "deireannadas" tréan i gcaint. Is tréine "deireannas," is dóigh ná "deireannadas", ach ní mórán é. Níl

deireannaighe ann mórán. Déantar riar maith focal ar mhúnla "deireannadas" .i. meirbheadas, cuthaileadas, fionnfhuartas, grinneadas agus rl.] / Tá an deireannas ag teacht = tá sé ag eirghe deireannach / Is gearr uaidh an deireannas (nó deireannas) anois / Le teacht an deireann -ais chuaidh mé abhaile /[Ní mór dhuit na beithidhigh a bheith teáltuighthe istigh agad shul a mbeiridh an deireannadas ort (shul a bhéas sé in a deireannadas, shul a dteagaidh deireannadas ort agus rl.) = tuitim nó h-oíche, nó mall 'san ló / Ní am ar bith dhuit an deireannas le bheith dhá dtóraidheacht sin. Cuir cipín leo anois / Bhí bun-deireannadas maith ann, 'nuair a chonnaic mé ag dul tharm é / Níl moill ar bith ar an deireannas an t-am seo — i lár an gheimhridh thall / Bhí deireannas lae ann, agus gan iad ag teacht. Thóruigh muid go h-íseal agus go h-árd in a ndiaidh, ach chinn orainn aon-amharc a fháil orra. "Ní áit buaile ná sean-bhaile dhuinn an áit seo níos fuide a Ph." adeirim fhéin. "Cá bhfios nach romhainn 'san mbaile a bheidís sin." Agus b'fhior dhom. Bhí an bheirt gróigthe istigh ar an teallach romhainn / Ní raibh sé ariamh gan deireannadas oíche agus lae a bheith air ag dul in áit ar bith. Níor facthas ariamh ar bóthar é 'nuair a bheadh 'chuile dhuine ann]/ Shílfeá gur mian leat an deireannas a leigean ort féin arís. Corruigh amach! / Ná leig an deireannas ort féin anois / Nach maith a chaithfeadh sé an deireannadas a leigean air féin ag teacht! / Tá an deireannas air. 'Chuile lá ariamh! / Caithfidh muid imeacht roimh an deireannas / Bhí an deireannas ann nuair a tháinic sé / Sin é a cheird sin i gcomhnaí: a dhul is 'chuile áit ar dheireannas na h-oíche /[Ar dheireannas na h-oíche a tháinic sé abhaile, igcaoi agus nach bhfeicfeadh aonduine é / Leis an deireannas a tháinic sé / Teigheann sé amach ag spaisteóireacht leis an deireannas (: le deireannas) / Le deireannas a thiocfas an sionnach amach ag sireoireacht i gcomhnaí / Thug tú an deireannas leat ag teacht dhuit = tá sé deireannach ort / Ní fhaca mé ariamh fhéin é nach mbeadh an deireannadas aige ag teacht dhó / Ná tabhair an deireannadas leat anois. Bí in am / Féadfaidh sib fanacht scaithín eile. Is beag de'n deireann-as atá ann fós.]/ Is beag de'n deireannas a bhí chor ar bith ann ar imeacht dóibh = ní raibh sé an-deireannach / Tá sé ag dul 'un

deireannais = ag eirghe deireannach / Tá bealach fada roimhe. Tiocfaidh sé 'un deireannadais air ar an mbóthar = béarfaidh an deireannadas air ar an mbóthar /[Rug an deireannas orm aniar ag an T. = tháinic an oíche orm / 'Sé imeacht an deireann-adais aige é igcomhnaí = imigheann sé leis an deireannas i gcomhnaí / Ní chorróchaidh sé anois go bhfaghaidh sé an deireannas ann / Dhá bhfaghainnse an deireannadas ann, bhuailfinn bóthar / Teacht an deireannadais a d'fheicfeá ag corruighe amach i gcomhnaí é. Do dhubhshlán feic amuigh é i gcaitheamh an lae. / Bhí deireannadas na maidne ann nuair a d'imigh sé / 'Séard atá agad a dhéanamh fanacht go deireannas, agus ní aithneochaidh aonduine thú]/ Bhí cuid de'n deireannas orm shul má bhí mé 'san mbaile = bhí sé mall ach ní raibh sé an-mhall / Bhí roint de'n deireannas ann, ach má bhí fhéin, níor chuir sin aon-treampán orm faoi obair a dhéanamh / Bhí deireannas portaigh orm indiu = ní raibh mé ar an 'bportach nó go raibh sé mall 'san maidin; nó, d'fhan mé ann deireannach 'san trath-nóna /[Is beag de'n deireannas eirghe seo a bheadh ort dá ndéanthá aithris ar do chomharsa bhéil doruis. Is maith moch a bhíos seisean in a shuidhe 'chuile lá]// An raibh sé annseo le deireannas (nó le deireannaighe : sin é an t-aon-chaoi ar chuala mé deireannaighe) = le goirid, le tamall / Níl le feiceál di le deireannaighe chor ar bith. Meastú ar ghlan léithe aríst. Dheamhan a cos nó ghlan! /[Ní raibh mé istigh ann chor ar bith le deireannas. Is beag an iarracht atá orm ann anois faoi rádh agus nachar thaobhuigh mé iad an lá a raibh an méitheal aca. Bheidís sin ar fheabhas dhá bhfaghaidís daoine len a gcuid oibre a dhéanamh in aisce dóibh]/ Tá an iascach caithte idtraipisí le deireannaighe ó a thosuigh an fuadach ar an móin. Roimhe seo ghabhfadh fear suas taca Dhomhnach Chrom Dubh agus bhainfeadh sé dhá shleaghán mhóna l'aghaidh na teine. Thriomóchadh anna na Féile Míchil dó í. Dheamhan buille a ghnídís i gcaitheamh an tsamhraidh ach mathshluagh aca thíos ar 'chuile charraig annsin thíos ag iascach. Is deacair fear a fheiceál anois ann / Ní chaithim gail ar bith le deireannas. Tá mé eirighthe as ar fad. Is beag bídeach nachar chaill mé mé féin leis /.

Deiseal = aidiacht; ainm-fhocal ((i) is cosamhail); uaillbhreas.
Deiseall = (i) taobh na deasóige; taobh na láimhe deise. (ii) a bheith níos acmhuinnighe ar bhall-acra a laimhsiú leis an láimh dheis ná leis an láimh chlé. (iii) fainic; nó tárrtháil ó thachtadh nó ó shraoith a mhaireadh do dhuine nó do beithidheach.

Ionntuigh deiseal ag an gcras-bhóthar = ar thaobh na láimhe deise / Deiseal a chaithfeas muid a dhul annseo / Cas chugad é — deiseal / Ní shin é an chaoi len a chur ann chor ar bith. Cuir isteach deiseal é. / An taobh eile! Deiseal! Breagh nach mbreathnóchthá romhat? Ní fhaca mé aon-fhear ariamh is mí-stuama ná thú / Deiseal a fhleascaigh! Deiseal! Ní dhéanfaidh tú go h-éag mar sin é /[Cuir fuinneamh 'san sugán: deiseall. Cas uait amach é / Tá mé ag leigean súgáin dhó sin ó mhaidin, agus é dhá mbriseadh. Scaithtí casfaidh sé deiseal iad: scaithtí eile, tuaithbheal, agus marab shin é, 'sé a dhá dhíol fuinnimh a chuirfeas sé ann, nó go ndéan -faidh sé míle píosa dhó. Go gcuiridh Dia an t-ádh ort, agus beir ar an gcor-shúgáin uaidh as a láimh, agus ná bíodh sé ag cur chantail orm níos fuide // Dheamhan déanamh muise an fhad agus a bhéas grian ag dul deiseal = go deo; go deireadh an domhain / Sin ní fhágfaidh sé anois chó uain agus a bhéas grian ag dul deiseal. Beir air sin! Sin é atá daingnighthe! / Ní fheicfidh tú aon-bhiseach air sin an fhad agus a bhéas grian ag dul deiseal. Tá sé réidh leis / Ag iarraidh a bheith ag séideadh faoi na daoine atá tú! Ag rádh go bhféadfaí an caoláire sin a thriomú. Dheamhan é an fhad agus a ghabhfas grian deiseal / Ní fheicfidhear aon-ghráinne cruithneachta i S. Ph. chó uain agus a bhéas grian ag dul deiseal, ná dheamhan saothrú ceart a bhéas air ach oiread, th'éis a bhfuil de ghaisce dhá dhéanamh faoi. Bail ó Dhia ort. Nach thíos faoi atá máithreach an uisce!]/ Tá easarlaidheacht eicínt ag Sasana nach mbeadh a fhios ag aonduine. Ach hébrí céard é féin, ní bhuailfear í ar chaoi ar bith an fhad agus a bhéas grian ag dul deiseal // 'Deiseal nó ciotach atá tú? / Cé'n deis thú? Deiseal nó ciotach? / Deiseal uiliog atá siad cé's moite de Sh. / Deiseal uiliog a bhí an mhuintir se'aghainne ach tá cuid aca seo ciotach de bharr na gC. (C. a bhí i muintir a

a máthar) / Siad atá ag teacht le chéile ceart — fear ciotach agus fear deiseall / Deir siad go scóthfadh fear ciotach fear deiseal dhá mbeadh fear maith ciotach ann / Diabhal a fhios aige siúd an ciotach nó deiseal é, mar dheamhan ar rug sé ar aon-láighe ariamh cheana / Seo láighe dheiseal. Nach deiseall atá tú? / Chinn orm ceart ar bith a bhaint di. Láighe dheiseall a thug sé chugam agus ciotach atá mise / Chuir sé an láighe isteach deiseal, agus b'éigin dó a baint amach aríst, arae is ciotach atá an buachaill / Níl an láighe seo ar mo dheis chor ar bith. Ciotach atá sí, agus deiseal atá mise // Deiseal! Dia leat! Cuir aniar é! 'M'anam gur scanruigh mé gur síos píobán an doichill a chuaidh sé agus go seasfadh sé thíos ann = deiseall adeirtear má theigheann rud le anáil duine, nó scaithtí má bhíonn sé ag sraothfairt. Ach "Dia linn" is mó adeirtear le sraothfairt (nó Dia leat), agus "deiseal" le duine nó beithidheach a bhfuil treampán eicínt is an muineál air faoi rud a leigean síos / Deiseal! Deiseal! I bhfad uainn an anachain agus an urchóid! Rith go beo agus fagh fód móna a chuirfeas mé in a béal (bó). Tá fata in a sheasamh in a muineál / Deiseal! Goirim agus coisricim thú! Seo cuir aniar é. Is maith í an bhosóig 'san dromán. Bhí mo chroidhe in mo bhéal. Shíl mé go raibh tú tacttha. Múinfidh sin thú gan an oiread sin uathbháis a bheith aríst ort in éadan do bhéilí. / Deiseal riu! Is ort atá an tsrófairt. Is geall le duine thú a chaithfeadh snaoisín. M'anam ag Dia go bhfuil sé do mo bhualadh féin anois agus gan duine ar bith le deiseal a rádh liom / Deiseal! Déan réidhteach riu. 'Sé'n chaoi a mbeidh sé agad as a dheireadh 'sábhálaidh Dia sinn, tachtfaidh tú fhéin. Is ceart do 'chuile dhuine am a ghlacadh le na chuid beatha. Níl foighid ar bith agaibh ach é a sclamhadh. Shílfeá nach mbeadh breith ar an áit amuigh go deo agaibh! /

Deirbhshiúr = ainm-fhocal, buineann; geineamhnach uathaidh: na deirbhshíre (: d ʼ r ʼ ef ʼ īr ʼ ə); uimhir iolraidh: deirbhshiúrachaí (: d ʼ r ʼ ə ur ə xī)
Deirbhshiúr = an fhréim ghaoil bhuineann is goire dhuit ó shinsir (: sister).

A dheirbhshiúr / A dheirbhshiúr ó mo chroidhe thú! / A dheirbhshiuirín na páirte / A dheirbhshiuirín dhílis / A dheirbhshiúr m'anama thú! /

Deisiú = Briathar; Riaghalta = (i) gléasadh, cur faoi réir, feistiú. (ii) a réidhtiú, a chur in úd, a stócáil, a shocrú. (iii) slacht nó maise a chur ar rud. (iv) rud a dheasú [: ciall a (iv) Achréidh fc. deasú. Tá cur síos annsin ar an idir-dhealú atá ag "deisiú" agus "deasú" le na chéile. fc. freisin deis, deiseamhail. Tugtar deisiú ar dheasú ar an Achréidh]

Ar dheisigh tú an róthar fós (: ní deasú, ach rud ar bith a bheadh uireasbh-ach air — coscáin nó eile — a chur air)? / Ba cheart duit an churach sin thíos a dheisiú, agus ghabhfadh muid ar meath corr-uair. 'Ar ndú' níl de dheisiú ag tastáil uaithe, ach brat teara agus maidí rámha / Caithfidh mé carr an asail a dheisiú amach faoi chomhair an tsamhraidh / [Tá sé ag deisiú an "jaunt" na laetheantaí seo, le dhul ag saothrú ar an rástaí. Is fadó an lá nachar thug sé amach cheana é / Deisigh suas an tslat iascach agus gabhfaidh muid síos lá eicínt go gcaitheam-uid cupla urchar ar an gcarraig / Tá sí seo thuas ag deisiú túirne le dhul ag sníomhachán. Bhí T. ag cur cluasa ann aréir agus dhá sciúradh. A Dhia dhá thárrtháil! Tá sé na cianta ó chonnaic mé aon-túirne cheana / Nach bhfuil scair eangaighe annsin agadsa? Cuir le suain í agus deisigh amach í. Tá báire éisc ar ghob an Bh. Feicfidh tú bualadh ar iasc glas, má sheasann an aimsir seo]/ 'Séard a bhí sé a dhéanamh ag deisiú cochaill le dhul ag saghdadh. Sin é an fear agad, agus deireadh a gcuid alluis tugtha ag a bhfuil 'san tír ag crapadh móna roimh na tuiltí / Caithfidh muid an teach a dheisiú faoi chomhair na tsagairt. Is againn a bhéas sé an "turn" seo = aol a chur suas, troscán a dheasú etc. / Teach deisighthe é anois deirimse leat. An bhfaca tú an fuireann nuadh a chuir sí isteach. Bhainfidís an solas as do shúile leis an loinnir atá ionnta, idir chathaoireachaí boga agus buird / [Tá teach deisighthe aice sin mo léan, ach d'eireochadh di, agus gan í ag déanamh aon-bhuille eile, ach ag sciúradh agus ag glantachán agus ag socrú / Is "bicycle" deisighthe ceart anois aige é. Is mór an feall nach bhféadann sé "three speed" a fháisceadh air / Is bean deisighthe ceart indiu í faoi na hata dearg agus cleiteadhachaí ann, agus bróga ar dhath na láibe atá thuas annsiúd thuas 'san bportach agam / Nach hé atá deisighthe amach! Ach cá bhfuair sé an parasól, nó cé'n ghnatha atá aige dhó?]/ Tabhair seomra deisighthe ar an bpár-

lús atá aca sin anois! Dheamhan ceo dhá mbeadh istigh i bpárlús an tsagairt nach bhfuil ann. Is mór an áilleacht é /[Beidh carr deisighthe aige sin má bhíonn sé ag aonduine. Mo léan géar thú! Nach ag imeacht ag ealadhain le rudaí mar sin a chaitheas sé a chuid aimsire / Tá bád deisighthe aige seo thíos anois faoi na cuid seolta bocóideacha bacóideacha … Ceadh nach bhfaca tú í ó 'chuir sé an seol uirre? Is breagh an ball i mbéal dorais anois í. Tá sé ag brath air a dhul ag déanamh aeir go h-Árainn agus go Condae an Chláir imbliana léithe / Ba cheart duit an áit sin a dheisiú amach ceart: na clocha sin a bhaint, na logáin sin a líonadh agus crainte a chur ann / Bhí an crann deilbhe deisighthe aice ar m'aghaidh isteach indiu agus mé ag dul ag an bportach. Is mór an saothraidhe í, go dteigheann sí ag deilbh fós / Dhá mbeadh an chruaichín choirce sin amuigh deisighthe agam, d'fhéadfainn mo scíth a leigean go ceann cupla lá = súgáin agus díon uirre / Ba cheart daoib na cocaí féir sin a dheisiú indiu, agus gan a bheith dhá bhfágáil níos fuide. An rud a theigheas i bhfad teigheann sé i roighineadas, adeir siad]/ Tá sé dhá dheisiú féin thiar 'san seomra = dhá ghléas féin; ag cur éadaigh air féin, nó ag stócáil le dhul in áit eicínt / Caitheann sí sin an lá dhá deisiú féin. Bíonn a shliocht uirre. Seod cheart í ar a theacht amach di / Cheal nach bhfuil tú deisighthe fós? Shoraidh dhíot! Beidh muid deireannach ag an Aifreann / Deiseochaidh mé mé féin anois. Níl le déanamh agam ach mo bhróga a athrú. Beidh muid luath go leor ar aon-nós / Ní raibh sí deisighthe len imeacht nuair a chuaidh mise ag glaodhach uirre, agus d'imigh liom ar m'aghaidh féin / Tá sé ag deisiú an chairr sin le dhá uair, agus dheamhan a bhfuil deisighthe fós dhó /[Dheisigh mé mé féin len imeacht, ach an uair a tháinic an crudh ar an táirnge, níor chorruigh mé in a dheidh sin / Deir siad go bhfuil an bheirt deisighthe le dhul go Meiriocá má's fíor é. Chreidfinn go bhfuil ar chaoi ar bith. Rugadh thall eisean, agus bhí sise ann cheana freisin / Tá an teach deisighthe aice anois l'aghaidh "gaedhilgeoirí"]/ Nach ghránna an deisiú atá uirre = feisteas, gléas / Níl mé deisighthe ar a dhul ag baint mhóna fós / Bhí sé deisighthe ceart ar achrann muis = faoi réir le dhul ag troid / Sin é an bhuac siúd. Tá sé deisighthe ar achrann i gcomhnaí / Tá tú deisighthe amach ceart ar dhamhsa

bail ó Dhia ort = faoi réir agus fonnmhar / Uair í cheapfainn atá deisighthe amach ar bháistigh. Is olc an góthadh atá air. Tá sé dhá cothú ro-fhada, dhá mbeadh neart air / Sin ó thuaidh spéir atá deisighthe amach ar shneachta. Is furasta aithinte uirre é! 'Bhfeic -eann tú an dreach atá uirre? /[Tá sé siúd deisighthe i gcomh-naí le dhul 'un cainte len a rogha fear a chasfar thart / Sin oíche, dar leat, atá deisighthe amach ar ghála. An gcloiseann tú na sinneáin sin? Diabhal cleith a fhágfas siad ar an teach mara bhfuil ag Dia / Níl mé deisighthe a dhul ag cur fós. Is iomdha stócáil bheag a chaithfeas mé a dhéanamh shul a fhéadfas mé a rádh ": chugad a gharrdha"]/ Indomhnach is deacair 'chuile dheisiú a dhéanamh. Tá treampáin mhóra anois ar dhream atá ag dul ag pósadh nach mbíodh orra fadó chor ar bith / Bhí 'chuile dheisiú déanta aige le dhul go Sasana, ach loic sé in a dheidh sin = 'chuile réidhteach; 'chuile théisclim / Mea'nn tú an bhfuil 'chuile dheisiú déanta agad anois? Ná dearmad aon-cheo ar aon-chor /[Tá a fhios ag mo chroidhe gur deacair 'chuile dheisiú a dhéanamh l'aghaidh an Earraigh féin / Dheisigh sé é féin 'san gcathaoir = shocruigh sé é féin innte / Deisigh tú féin annsin ar an stól = socruigh / Dheisigh sé é féin amuigh ingob na curaighe, ach ní túisce a bhí carraig Bh. na T. bailighthe amach againn ná ba mhian leis athrú go dtí an seas láir]/ Bhí sé deisighthe amuigh idtosach an bhus, agus drad flith-mhagaidh air / Ní raibh mé ach deisighthe ar an leabaidh go díreach nuair a chuala mé an chnagairt ar an doras / Nach air atá an deisiú istigh ar an teallach. Is agam a bheadh an sásamh anois, splanc dhearg a ghreamú dhá thóin, dhá mbadh rud é a chuirfeadh as a shógh é beagán / An bhfaca tú é dhá dheisiú fhéin ar aghaidh na gréine annsiúd. 'Sé a rinne an líomhán dhó fhéin /

Deisiúchán = ainm-fhocal, fireann; geineamhnach uathaidh: deisiúcháin
Deisiúchán: tá an gaol céadna aige le deisiú agus atá ag díolachán le díol, sníomhachán le sníomh, glantachán le glanadh agus rl.

Bíonn sé ag deisiúchán timpeall an tighe d'fheacht agus go h-áirid / Is diabhlaí an lear deisiúcháin a rinne sí faoi chomhair an tsagairt / Bím ag deis-iúchán liom mar sin ag caitheamh na h-aimsire agus an aimsir do mo chaitheamh /

Deiseacht = ainm-fhocal (d ʼ ešəxd): buineann. [As deas: aidiacht]
Deiseacht: breaghachte; scéimh, áilleacht; slacht agus rl.
[Deirtear deiseachas freisin ach is annamh é]
Níl deiseacht ar bith innte dhá bhfaca tú in aon duine ariamh /
Dubhairt sé nach raibh deiseacht ar bith san áit seo le
h-ais na h-áite siar / Dheamhan mórán ainnis a bhí innte nó
gur phós sí, ach chuaidh sí 'un deiseacht ó shoin / Ní de'n deiseacht
an ruadhcha. Déarfadh J. go ndéanaidh Dia grásta air nachar
moladh bean ruadh ar a breaghcha ariamh / Is beag an deiseacht
chor ar bith an bhó siúd a cheannaigh sé. M'anam go gceapfainnse
nach taobh leis an aois sin atá sí — an aois adubhairt siad / Théis
a raibh de cháil uirre, is beag an deiseacht í. Ní thiubharfainn cnaipe
gan chois uirre dhá mbeadh an braitín púdair siúd scríobtha
di / Níl mórán deiseacht' ar bith tímpeall an tí aige; pabhsaes
ná eile. Chuir sé cupla crainnín bheaga ghiobach' anuiridh, ach
ba ghearr go raibh ithte dhíob aníos ó'n ngrinneal ag asail. 'Siad a
bhí deas air 'ar ndú' / Ní deiseacht mhór do bhean ar bith an earradh
dhearg sin a chur ar a béal. Cuireann siad iad féin as a slacht
leis. Bean ar bith a bhfuil an deiseacht innte, is dhá uireasbhaidh
sin é ar chaoi ar bith. / Sin í an bhó a bhfuil an deiseacht innte, an
chéileóg sin ag M. Mh. Bó bhreagh fheiceálach í, bail ó Dhia uirre! /

Deóis (: d ʼ ōš : ɡ ʼ ōš scaithtí): ainm-fhocal, buineann; geiniúnach uathaidh
: na deoise: uimhir iolraidh: na deoiseannaí; na geoiseannaí
Deóis: stiúir chainte a chur ort fhéin; do chloigeann a leigean amach
de bheagán 'nuair a bheitheá ag caint nó ag éisteacht le duine.

Tá sé ag cur deóise air fhéin. Gheobhaidh sib caint anois 'mo choinsias
/ Bíonn geóis mar sin i gcomhnaí air. Is geall le cat é / An bhfeic-
eann tú an deois atá ar an mbithiúnach. Ní bheidh a dhath ariamh dhár
dúradh anois nach mbeidh craoibhscaoilte gan mórán achair.
Ní cóir tada a rá as a choinne sin ar chaoi ar bith / Sheas sé i
bhfus ag ceann an bhóithrín agus chuir sé deois air fhéin feai'nt an
gcluinfeadh sé leide ar bith. Ach coinníodh beophianta é deirimse
leat. Sin é an deasú air sin. Piteóig bhradach. Sháruigh sé
sean-chailleach /

deis = ainm-fhocal, buineann, geineamhnach uathaidh — deise, iolraidh = deiseannaí.
deis = (i) seans, dóigh, uain, caoi, bealach, slighe. (ii) acra, gléas oibre, oirnis. (iii) faghaltas, maoin, bráigill. (iv) faoi réir, réidhtighthe, ollmhuighthe. (v) bantáiste, cóir, i bhfeilmheanaint. (vi) deasú, deisiú, cur faoi réir. (vii) riocht, bail, staid, caoi. (viii) cumas nó spreacadh nó luighe le láimh seachas an lámh eile ag obair. (ix) ionntú nó claonadh nó fiar chuig … , ar aghaidh, as coinne. (x) an cluiche cor; taighrigheacht chóireamhail nó bantáiste nó leigean buailte ins an gcluiche cor.
[Tá an focal rí-choitianta i gcaint ar gach uile bhealach dhá bhfuil sé annseo]

Is maith éascaidh a ghoidfeadh sé sin é, dhá bhfaghadh sé an deis = seans, dóigh caoi, ionbhadh /[Níl aon-deis aige tada a dhéanamh mar atá sé. Tá sé idteannta ag an gcuingir eile]/ Cé'n deis atá aige sin a dhul 'na scoile. Tá sé ag tastáil ro-ghéar ins an mbaile. Is fada fós go mbeidh ceachtar de'n dream eile ionchongantach / Dhá mbadh mise thú, ní leigfinn an deis uaim. Ní móide go bhfuightheá cho réidh arís í / Tapuigh do dheis a mhic ó. An té a leigeas a leas ar cáirde ní feairrde go minic é. Dhá bhfaghainnse do dheis, is fada go leiginn uaim í — is fada sin / Tá deiseannaí ar an saoghal anois ag aos óg nach raibh fadó ann. 'Sé'n chaoi a raibh sé fadó, ní raibh ann ach Meiriocá, ach ó a thosuigh an Ghaedhilge ag teacht amach, is iomdha duine a bhfuil posta ag eirghe leis dhá barr. Shílfeá nach mórán tóir ag cuid aca uirre in a dheidh sin agus uiliog / An uair ad'eirigh an deis leat níor thapuigh tú í. Is fadó an lá a bheitheá igcrích dhá dtugtá áird ar do mhuintir. B'fhéidir dhá mbeadh breith ar t'aithmhéala anois agad go dtiubharfá /[Níl deis ar bith agamsa aon-bhuille oibre a dhéanamh. Feiceann tú féin an chaoi atá orm. Bíonn an mhaidin thar druim shul a bhíos freastal déanta agam ar bheithidhigh agus ar ghamhna / Ba mhaith liom deis a thabhairt dóibh thar agus mar fuair mé féin. Ar an dá luath agus a raibh mise deich mbliana d'aois, bhí mé ruaigthe amach ar aimsir. Thiubharfainn scoil agus fóghluim dóib seo, ach dair leat, níl siad an-ghabhthach leis an scoil. Bíodh aca. Iad fhéin a bhéas siar leis, agus ní mise]/ Ní raibh aon-deis agam a dhul ann. Chaithfeadh duine eicínt fanacht ins an mbaile le giotamáil a dhéanamh timpeall an tighe. Ní hí an tsean-bhean sin a bhí indon freastal do bheithidhigh agus do mhuca / Dhá bhfaghainnse deis uirre, ní fhágfainn ag ceachtar aca í. Ach ní bhfuair. Bhí an iomarca cruadhóige orm thairti / Tá deis mhaith

ar an bhfeamainn dearg annsiúd aige agus é buailte ar an gcladach. Má tá féin, dar príosta ní leis a eirigheas sí igcomhnaí /[Má fhaghann tú deis ar bith an tseachtain seo biorruigh na claidheachaí ar Gharrdha an Chl. Má fhágtar cho maoilscríobach siúd iad, gabhfaidh an droch-rath ar ar gcuid féir ar fad]/ Dhá bhfaghainnse deis air, thiubharfainn dual na druinne dhó. Ach sin é an buille. Cá bhfuighidh mé deis air. Nímé an dtaobhuigheann sé tigh M. G. ar cuairt chor ar bith anois / Ní bhfuair mé aon-deis ar aon-pháipéar le seacht -ain, ach chuala mé go raibh na Rúiseánaigh ag déanamh íosbairte. [Tá siad isteach ar fad ins an nGearmáin. Is mór an seasamh ag an nGearmáin bhocht é agus an domhan ar fad dhá cúinneáil. Is gearr uaithe anois cheapfainn]/ Má fhaghaim deis ar bith ar an asal sin aige, bascfaidh mé é. Deir tú leis a theagas ins an iothlainn agam 'chuile oíche, ach tá a dhíol céille aige le bheith imighthe shul a eirighim ar maidin. Sin é an gleacaidhe / Má fhaghann tú aon-deis ar aon-phíopa in áit ar bith croch leat é. Tá mé thart d'fhuireasbhaidh sean-dúda eicínt /[Is tú a fuair an deis, ach ba bheag an rath a bhí ort in a dheidh sin. Ní mise a bheadh in do bhróga. Dá mbadh mé, bheadh rud eicínt de bharr m'aistir agam]/ Siubhail siar chuig an gcéilidhe. B'fhéidir duinn deis a fháil ar aon-bhean / Is beag an deis atá aca anois aon-deoir a dhéanamh ó a cuireadh an droichead ar an abhainn. Níl a fhios aca, cé'n puínnte a mbuailfidh póilidhe isteach aca idir chlár agus chuinneoig / Rinne sí an teach nuadh sin le deis a thabhairt do'n mhac pósadh. Ach is cosamhail nach bhfuil aon-tsaint ag an mac an pósadh a dhéanamh / Má thugann tú deis domsa uirre, cuirfidh mise fáinne innte, feic-fidh tú féin air. Dar mo choinsias cuirfead /[Is iomdha deis a fuair tú air ó shoin agus níor chuir tú aon-aighneas air. Má tá faltanas istigh agad dó teirigh agus ídigh air é, agus ná bíodh sé in a leath-rann annseo agad chois an teallaigh 'chuile lá]/ Mharbhóchadh sé S. dhá dtugadh sé aon-deis dó dorna amháin a chur i gcion, ach ní thiubharfadh. Tá S. ro-úsáideach le na lámha aige / Ní thugann an t-Aifreann deireannach seo deis do dhuine a dhul in aon-áit. Dhá n-abruigheadh sé leis an am nuadh féin é, ba mhór ab fhiú do na daoine é — ba mhór sin / Is diabhlaí a chruthuigh sí sin a theacht amach in a máistreás scoile agus laghad an deis a fuair sí. Ach bhí ínntreacht chinn ionnta sin ar fad / Fanóchaidh mé go dteagaidh sé ar mo dheis. Gheobhaidh sé garbh annsin é /[Dhéanfainn sin féin dá dteagadh sé ar mo dheis. B'fhéidir go

dtiocfadh amach annseo le congnamh Dé]/ Mara dteagaidh sé ar mo dheis go maith diabhal baoghal ormsa a dhul dhá dhéanamh. Is iomdha rud is géire a thastuigh-eas uainn ná geata, nach bhfuil againn. / Má theagann sé ar mo dheis sean-leasóchaidh mé an garrdha sin imbliana. Ach ní móide go dtiocfadh. Is iomdha cruadhóig eile orainn, agus b'fhéidir nach dtiocfadh an fheamainn dearg an-chóireamhail / Ní mórán de dheis ad'eirigh liom air, ach an méid sin féin, d'innis mé dhó é. Is dona a thaithnigh sé leis ach oiread. Rún a bhí aige shílfeá, rádh liom aire a thabhairt do mo ghna féin: gur beag a bhain a ghna-seisean dom /[Níor thug sé aon-deis dhom labhairt leis. Bhí sé imighthe de ghort an gharta. / Níl aon-deis agam tada a léigheamh len a mbíonn ag dul fúm agus tharm. Bím thar bharr mo chéille aca scaithtí, ach céard a fhéadfas mé a dhéanamh / Caithfidh mé fanacht ins an mbaile le deis a thabhairt do N. a theacht scaithín]/ Maidir le mo chuid imeacht-sa, is beag an deis imeacht' atá agam — is beag sin / Ná tabhair an deis do'n tseáirsint ort. Má thugann leagfaidh sé ort feicfidh tú féin air / Is maith gasta a bhrisfeadh sé mé, dhá dtugainn an deis dó, ach ní thiubharfad le congnamh dé / Ní bheadh sé a iarraidh anois ach an deis ort, le thú a chur ar siubhal. Is maith a bhéas tú ar do mhaidí nó béarfaidh sé ort uair eicínt mar sin féin /[Má fhaghann an sagart an deis ar an máistir scoile sin thoir, cuirfidh sé ag caitheamh na miotán é. Is fada in a dhiaidh é, ach is deacair a bheith suas leis an gceann eile féin]/ Teigheadh duine ar an mbearna sin agus ná tugaighidh deis dó imeacht / Sin í do dheis anois a fhleasca(igh), agus tapuigh í. Mara dtapuighidh bí buidheach dhuit féin / Thug tú deis do'n fhear thall a aona heairt a chur fúmsa agus mé a chur as cúig. 'Gcuiridh dia an t-ádh ort, agus bíodh staidéar eicínt ionnad, agus ná bí ag caitheamh do chuid cártaí i dtraipisí mar sin / Is maith an deis í ceart go leor, an té a bheadh faoi réir faoin a comhair, ach sin é an buille. Cé atá? / Níl deis mhóna ar bith ins an taobh seo tíre. Tá na portaigh ro-fhada ó láthair. Nach h-aoibhinn daoibh soir agaibhse, a bhfuil siad ag béal an doruis agaibh /[Ná bac le deis fheamainne agamsa. Tá mo chuid talmhana ro-aistreánnach, agus ar aon-chor, 'sé cuid an bheagáin di atá againn. Níl fás mór feamainne ar bith ar na cladaigh se'againne / Níl aon-deis chaorach againne. Tá an sliabh ro-fhada ó láthair agus gan aon-chongnamh ann le dhul ag breathnú orra]/ Is suarach an deis phoitín atá aca. Féadfaidh an póilidhe siubhal isteach in a mullach in a rogha uair, agus ní aireochar ag teacht é. / Níl aon-deis troda aige anois, ó d'imigh an

"t-aingeal" eile úd — N. J. Sin é a bhíodh ag coinneál choc leis i gcomhnaí /[Níl aon-deis bhóithreoireachta aice anois ach na buinn, ó a buaileadh suas an sean-"bhicycle" uirre. Is mór an t-iongnadh muis go bhféadann sí comhnú ins an mbaile, agus an faisean a bhí aice a bheith imighthe 'chuile phuínte dhá mbainfeadh clog nó "watch"]/ Is beag an deis óil atá aige anois ó a phós sé thiar ar an bF. sin. Tá sé ró-fhada ó na h-óstaí. Ní fhéadann sé a bheith cho taithighthe ionnta agus a bhíodh sé. /

Dá mbeadh deis agam dheasóchainn, ach níl = acra, oirnís, gléas oibre / Caithfidh mé a dhul i gcoinne mo chuid deiseannaí, agus cuirfidh mise caoi air annsin. Níl ag tastáil ach rinse agus cupla "lever" / Cé'n deis atá atá tastáil uait. Fagh siséal agus déan snuigheachan beag annsin air. Déanfaidh oiread na fríde é. Is beag nach bhfuil sé ag breith mar atá sé /[Nach aige atá na deiseannaí! Do dhubhshlán láimh a leagan ar aon-cheann aca sin. Má leagann crapfaidh sé leis ar fad iad, agus cead agad féin caoi a chur air annsin]/ Níorbh fhuláir duit deis thairis sin le é sin a dheasú. Thastóchadh "monkey-wrench" le breith air sin. Ní chasfaidh tú é dá fuireasbhaidh / Níor mhór dhó sin go leor deiseannaí. Caithfidh tú a thabhairt isteach i "ngarage". Níl aon-mhaith dhuit daoine a leigean ag putráil leis. 'Sé'n chaoi a gcuirfidh siad ó rath ar fad é, igceann mar tá sé. /[Tá deis aige le "fags" a dhéanamh as na nutaí sin: cineál "meaisín" beag. Mar sin ná caith uait na nutaí sin feasta. Foghanfaidh siad / An bhfuil aon-deis agadsa le tubán a thógáil. Tá na cláir agam, agus tá an feireadh ceart ins an tóin, ach níl mé indon a thógáil in a dheidh sin. / Cheannuigh mé deis indiu le gruaig a bhearradh. Tá sé thiar annsin ins an seomra. Tabhair aniar é go bhfeicidh sé é]/ Níl aon-chall duit a dhul suas an oiread sin staighrí chor ar bith. Tá deis annsiúd le thú a thabhairt suas. Níl ort ach seasamh istigh ann agus gabhfaidh sé suas uaidh féin / Tá deis anois aca le móin a bhaint thar agus le sleagháin. Chonnaic P. Mh. iad dhá baint leis thart síos. Bhainfeadh sé an oiread in imeacht uaire le cead sleaghdóirí. / Tá sé seo thíos ag iarraidh deis a dhéanamh a chuirfeas solus ar fud an tighe. Sórt muileann gaoithe a bhéas ann adeir sé. Bhuailfeadh an ceann céadna faoi rud ar bith / B'éigin dom eirghe asta cheal deise. Ní fiú do sheacht mallacht an t-oirdín sin. I gceann mar atá sé, níl aon-chois rathamhail ann /[Gabhfaidh mé do'n Ch. R. ambáireach má fhaghaim deis ar bith. Tá "bicycle" aige seo thíos, ach fear a mbeadh beann mhór aige air a gheobhfadh uaidh é. Is dóigh nach mbeidh aon-

bhus ag dul ann]/ Cé'n deis a bhí Gaillimh agad? … Bus an eadh. Badh é ab éascaidh dhuit, agus gan bheith de do mheath féin leis an "sean-bicycle" sin. / [Cé'n sórt deis mharcuigheachta atá agad? Mótar! Dar príosta. Shíl mé nach raibh cead ag mótar ar bith a dhul 'un bóthair anois / Cé'n sórt deis a bhéas agad ag dul chuig an Aifrinn. Na buinn! Diabhal an fearr deis eile. 'Siad a bhí ann shul ar tháinig deis ar bith eile amach]/ Go deimhin agus go dearbhtha duit, is olc é mo dheis mharcaigheachta: Sean-"bhicycle" ó'n díle a bhí caithte thuas ar lota an sciobóil, agus a dheasuigh muid an lá cheana. Níl ann ach gur fearr é ná a bheith gan tada / Meastú a bhfuighidh mé deis ar bith a iomchróchas as seo mé, nó an mbeidh mé ann ar feadh an lae: 'Sé a chosamh-lacht é, nach hé / Is dona í mo dheis le dhul ag deasú bróg: ceap briste, casúr gan aon-chois, agus scian nach ngearrfadh an t-ím / Níl aon-deis scartha aige. Marach sin, is togha scarthóir é. Ach chinn orainn aon-bharra a fháil dó. Nach bambairneach an rud é sin féin; ach tá 'chuile dhuine anois ag obair len a bharra féin /[An bhfuil aon-deis scríobhtha agad — peann nó eile? Dheamhan fad méire agam féin / Thug an dearbhráthair deis iascaigh as Baile Átha Cliath chuige: glionndaí, cairteannaí agus eile, ach níl a dhath ag gabhail leis anois.]/ Níl aon-deis ghliomadóireacht' againn i mbliana. Dheamhan é. Tá potaí agus eile briste. Is mór an lear a thastóchadh ó'n gcurrach féin shul a bheadh sí in araidheacht a dhul 'un fairrge. Tá faitíos orm go bhfuil a' (: ar) gcuid gliomadóireacht ar iarraidh ó d'imigh na gearrbhodaigh eile / Is deacair deis spealadóireacht' a fháil anois. Tá clocha faobhar ar a ghainne freisin cho maith le spealta /[Cé'n mhaith d'fhear a bheith indon obair a dhéanamh lá agus nach bhfuil aon-deis oibre aige. 'Bhfeiceann tú láigheantaí, bróga agus eile. Ní féidir a bhfáil]/ 'Bhfuil aon-deis bhearrbóireacht' annseo agad? Ní hí an rásúr féin atá mé a iarraidh ach má tá "aon-bhruisín" agad. Tá rásúr agam féin / Níl aon-deis shníomhacháin in do thír anois. Má tá is fada ó chéile é. B'fhéidir go mbeadh cuid de na túirní féin indiaidh a chéile — na creatalaigh — ach tá tá róthaí agus na rudaí eile briste le fada. Caithfidh siad filleadh ar cheann gan cíoradh anois, ó thárla nach bhfuil a mhalrait aca / Sin é an deis bhuailte. Breathnuigh air. Duine ar bith a gheobhfadh iarraidh dhó sin i mullach a chinn bhí a chnaipe déanta. Seas iarraidh dhom mara gcreideann tú mé! / Má chaitheann bád an stiúir, bíonn "job" ar an stiúir a chur ar ais. Bíonn an stiúir curta as na boltaí. Níl aon-deis smachtú ar an mbád dá h-uireasbhaidh / Níl aon-deis smachtú ar na

h-amhlóirí sin ach neart slaite, agus a tabhairt dóib té bruithte. 'Sé a dhéanamh leo é — 'sé sin / Sin togha deis bhruitheacháin. Ba cheart ceann aca sin a bheith ins 'chuile theach /[Tá deis lasta ag J. Sórt boiscín beag é agus níl ort ach do mhéir a chuimilt air, agus tiocfaidh lasair air. An-deis é le píopa nó "feaig" a dheargadh / Chonnaic mise deis ghlantacháin idteach i mBaile Átha Cliath agus b'fhearr é ná deich scuab. ['Sé a raibh le déanamh leis é a ghreamú ins an mballa agus scuabfadh sé an t-urlár lena bhrughadh síos agus suas. Le "electricity" a bhí sé ag imeacht]/ Is diabhlaí an deis sáithte a bhí aige: spíle a bhí curtha isteach aige ar bharr scine. Thollfadh sé cruadhach / Tá deiseannaí marbhú aca anois thar mar a bhí fadó. 'Ar ndú' ní raibh leath na ndeis-eanna sin aca ins an gcogadh deireadh féin. D'imigh an diabhal orra. Sin é a bhfuil le rádh agamsa leo / Níl aon-deis chrochta i bpríosún ar bith in Éirinn ach i mBaile Átha Cliath. [Ins an sean-reacht chrochtaí daoine ins 'chuile phríosún. Níl crochadóir ar bith in Éirinn ach oiread. Caithtear fios a chur ar an gcrochadóir go Sasana an uair a bhíos duine le crochadh]/ Níl deis eirigthe ar bith agam faoi'n mála seo. = rud ar bith a bhéarfadh bantáiste dhom / Dá mbeadh deis luighe agam ghabhfainn a chodladh = leabaidh nó seol nó sráideog / Ní fheicim deis ólta ar bith ann. Ach cé'n dochar. Is maith a fháil len 'ól as na buidéil féin / Ní raibh aon-deis taosctha againn, mar chaith an diabhal siúd, len a chuid meargántacht', an galún ins an bhfairrge. Sin é an scaibh-téara agad! /[Is iomdha deis ghearrtha ann tar agus scian. Tóruigh rásúr nó tuagh nó sábh nó ceann de na rudaí géara sin a bhíos taobh amuigh ar ghrátaí. Ní bheidh tú gan deis ghearrtha feicfidh tú fhéin. Ar chuala tú ariamh é: níl aonduine dá mbeidh builín aige nach bhfuighidh scian len a ghearradh]/ An bhfeiceann tú nach bhfuil deis bhainte ar bith ar an nglas sin ó'n taobh amuigh. Tá glas eile annseo le cur mara mbeidh aon-duine ins an teach. Is diabhlaí áirdeall -ach iad, ach is cosamhail nach mór dóib sin. Tá an áit seo faoi gaduidhes (: gaduidhthe) as éadan / An bhfuil deis ar bith scaoilte air seo. Má tá, tá sé ag cinnt orm a fháil. Do mhéir a bhrúghadh air sin! Huga leat anois! Ní chuimhneochainn go deo air. /[Níl deis cheangail ar bith ar an gcapall sin amuigh agus tá faitíos orm go réabfaidh sí an doras. Tá sí an-dodach go deo]/ Cé'n sórt deis churta isteach atá air seo. Dar príosta is beag a bhíos ar a n-aire agus cho puinteáilte agus a ghníos siad iad / Ní fheicimse go bhfuil deis dúinte ar bith air, nó má bhí, tá sé dhá fhuireasbhaidh anois / Bhí mé istigh tigh S. G. trathnóna agus go deimhin má 'bhíos féin bhí

deis chainte (: stiúir nó slis chainte) ar Mh. Bhí sé ag scilligeadh bréag mar a bheadh Dia dhá rádh leis. Is iongantas liom go seasann a theanga dhó chor ar bith ar an gceird siúd. / Níor chuir sé aon-deis chainte air féin fós. 'Leabharsa an uair a chuirfeas beidh sé in a aimsir. Fan leat / Nach air atá an deis chainte! Tá rosc an fhile ceart air. Ní innseochadh sé sin anois smid de'n fhírinne dhá mbeadh sé ag cur dhó seacht lá na seachtaine /[Shíl mé go n-imeochadh sé an uair a chorruigh J. T. ach mo léan deacrach, ní raibh sé ach ag cur deis chainte air fhéin an uair sin. Dheamhan imeacht ná go mbeadh sé in a lá gheal dhá bhfaghadh sé ugach ar bith fanacht]/ Deirimse cuibhriú leat. 'Ar ndú níor chuir tú aon-deis chuibhrighthe air. Bhí sé cho maith dhuit an t-asal sin a leigean ar an scuir, len a chur isteach ingarrdha gan cromnasc. An cás céadna / Níl aon-deis tóigthe orm = níl deis nó slighe mhaireachtála agam /[Duine ar bith atá i gcleitheamhnas an "dole", tá sé gan deis tóigthe. Tá mise ag fáil an oiread dó (: dhe) le mo leithide ar bith, ach an uair a bhainim tobac na seachtaine as, is "dole" spurtha é]/ Is beag an deis tóigthe atá air féin ná ar aonduine istigh ar a bhaile. Níl aonduine ar an bhfeadhain aca nach bhfuil taobh le leath-ghabhaltaisín gágach /[Ní fheicimse dream ar bith anois is fhearr a bhfuil deis tóigthe orra ná an dream atá ag imeacht ar an scuir. Mise imbannaí nach ngabhfaidh aonduine aca a chodladh an lá sin d'fhuireasbhaidh béilí feola, ní hé sin domsa agus duitse é.]/ Gabharmint (: Government) ar bith nach bhfuil in don deis tóig-the a chur ar na daoine, is gearr é a shaoghal. Nach len a aghaidh sin atá siad ann. 'D eile? / Má fhaghann na póilíos deis tóigeála ort gabhfaidh tú isteach. Mar sin bí ins an áirdeall = deis ghabhtha / Níl aon deis mhaireachtála aige ach ag imeacht mar sin indiaidh a chinn roimhe, agus lá oibre a dhéanamh annseo agus annsiúd ar lóistín na h-oíche agus ar lón an bhóthair / An bhfuil aon deis mhaireachtála de'n rath ar an gceann siúd. Shílfeá go mbíonn sé gléasta thar cíonn scaithtí /[Má's leat pósadh caithfidh tú deis mhaireachtála a fháil thar agus mar atá ort. Meas tusa an bpósfaidh bean ar bith cuaille nach ndéanann de mhaith ná de mhaoin ach ag fánadóireacht soir agus anoir an bóthar ó mhaidin go faoithin.

Baoghal uirre muis!]/ Ara cé'n chaint sin ort? Níl deis phósta ar bith ormsa. Fear agus a dhá láimh cho fada le chéile. Go dtugaidh Dia ciall duit a dhuine sin /[Tá deis phósta air gan "doubt" ar bith, ach cá bhfuighidh sé bean? Tá sé cho mí-shlachtar sin ní dhá roint leis é, agus go saghdfaí na mádraí ann idteach ar bith dá dtiocfadh sé.]/ Níl aon-fhear ins an tír is fhearr a bhfuil deis phósta air ná an mac sin thiar ag M. Ph. Ph. agus tá 'chuile bhean ag cur suas dó in a dheidh sin. Níl gus ar bith ann mar bheadh i bhfear tímpeall mná. /

Níl an dearbhráthair atá ins an mbaile ag ól tada léis (: tar éis) an deis atá ar an gceann atá inG. = aindeoin an bhail, an riocht, an chaoi, an staid a bhfuil sé / Is deas an deis atá ort anois le ól / 'Bhfeiceann tú an deis atá air anois: a chuid éadaigh uiliog faoi dhraoib agus é ag eitealladh leis an bhfuacht. Is mór dhá fhonn atá ormsa anois deis a chur ort a bheadh deich n-uaire níos measa, mara deas an chaoi duit a theacht isteach mar sin agus do chulaith nuadh ghlan in a bog-eibhinn agad /[Diabhal mé gob (: gurb) aisteach an deis atá ort ag imeacht in do cheoláinín mar sin, i leabaidh dhuit fanacht ins an mbaile i gcionn do mhná agus do chuid páistí, ó' thug Dia dhuit iad]/ Diabhal mé nach h-eadh, (n)ach gurb uirre sin atá an deis aisteach: ag imeacht agus treabhsar uirre mar 'bheadh ar fhear. Níl cás ná náire uirre faoi ach oiread / An bhfeiceann tú an deis atá ar an mbaile anois aice — ar scáth aon-bhean amháin. Ba mhaith suaímneach an baile é seo shul má leag sí a cois istigh ann. Ach d'eireochadh di: tháinig sí as tír an achrainn / [Nach dalba an deis atá ar an saoghal: ríoghachta an domh-ain fré chéile in adhar an chochaill. 'Sé deireadh an domhain é mara bhfuil ag Dia. Ní hé a mhalrait de chosamhlacht atá air]/ An bhfaca tú an deis atá ar an ngarrdha sin thíos leis. Tá coill shal-achair ann, agus is fhearr leis in a dheidh sin ag obair in aisce do 'chuile dhuine eile ná cupla lá a chaitheamh dhá ghort-ghlanadh / Gabh suas agus breathnaigh ar an deis atá ar an leabaidh a chóirigh mé ar ball beag, ag an bpaicle bitheamhnach sin. Smachtaigh anois iad. Níl géilleadh ar bith aca domsa. Is gearr aríst go ndéanaidh siad é, mara mbagruighidh tú orra / Chonnaic tú an deis a bhí

ar chois an asail ar maidin. Bhí sé ag imeacht ar thrí cosa. Casadh i ndroch-phas eicínt aréir é — mara in iothlainn Mh. é. Ní bheadh carghas ar bith aige sin é a dhonú / Níl mórán de dheis anois orm muis. Má leigeann tú anall binn bheag de'n stól liom, beidh mé ar fheabhas an domhain /[Is aisteach an deis atá ar an máistir scoile seo thíos: ag scaoileadh anuas na mbrístí de phutach ar bith nach mbeidh a "lesson" aige. Shílfeá go mbadh mhór an náire dhó a leithide de chleas a dhéanamh]/ Níor bheag dó an deis a bhí air agus gan tusa a dhul ag déanamh tuilleadh air. Má's thuas a fríothadh é, thíos a fágadh é, 'nuair a bhí tusa réidh leis. / Is diabhaltaí an deis atá air in éadan 'chuile dhuine. Is fear é atá in áirid a bhuailte muis. Diabhal bréag nach bhfuil. Éistfear leis scathamh, ach smutfaidh duine eicínt as a dheireadh é. Má smutann féin dheamhan leath-chirt a dhéanfas sé leis /[Is túatach an deis a bhí ar an gcoca féir sin ar maidin indiu. Dheamh-an asal ar an gceathramhadh nach dhá shracadh a bhí aréir]/ Feacha an deis a chuir na bruacháin sin ar an lacha. Níor fhága siad liobar clúmhaighe ag gabhail léithe nachar strachail siad di. Sin iad na h-údair agad. Is beag an dochar dóibh a bheith leigthe leo fhéin fhéin, agus gan aon-bhacadh ag dul orra, ná smid dhá rádh leo /[Is gránna an deis atá ort dá mbeadh a fhios agad é: ag lígheachán do smaoise le do theanga. Cé'n áit ar thug tú an faisean sin faoi deara dhuit féin. Ní annseo é ar aon-chor. Beidh duine ar bith ceart a thiubharfas comhluadar do'n bhroththuinn sin thíos. Diabhal bréag nach mbeidh]/ Is dona an deis a chuir sé ar a chuid airgid: é a chaitheamh ar sclaib-éaraí. Is furasta aithinte an duine dona i gcomhnaí. Bíonn sé de bheith air, dhá mbeadh an saoghal aige, nach bhfágfadh sé cianóig ruadh aige féin / Níor fhága sé sop feamuinne ins an gcladach anuiridh nachar sciob sé. Dheamhan sop muis. Bhí an snáth bailighthe aige i gcomhnaí uair roimhe lá, agus ba dona an deis a chuir sé uirre in a dheidh sin: a fágáil in a meall thuas ar bruach nó gur lobh sí — gur lobh 'chuile dhosán ariamh di. B'fhearr leis sin féin chreidim, ná a feiceál ag dul 'un sochair do'n comhursa / Fágadh an domhan agus a mháthair talmhan' aige sin, agus nach dona an deis a chuir sé air. Tá an chuid is fhearr dhe anois leigthe 'un fiadhántais aige, cheal saothruighthe agus 'cheal aire. Dar príosta, is olc an aghaidh ar chuid de na daoine tada a fhágáil aca. Déanfaidh siad cis ar easair dó / Nach dona an deis a chuir an bromaire sin thoir ar

a shaoghal. Feacha anois é, agus gan a dhuth ná a dhath aige ach ag romhar ins an bpóicín siúd ó thuaidh de'n teach. Scread chasta air nach n-imeochadh go Sasana nó in áit eicínt agus gan a bheith ag locadóireacht annsiúd, ag cur guirín ar chroidhe an athar 'chuile uair dhá mbreathnuigheann sé air, agus ar chaill sé leis /[Is dona an deis a chuir sé ar an údhachta a fuair sé … Cheal nar chuala tú é? Fuair sé lán laidhre, a mhic ó, agus níl iabh air anois ach dhá ól … Tá sé ráidhte ariamh a mh'anam: "airgead cailleachaí dhá mhún le ballaí" / Is dona an deis a chuir sí uirre féin, agus a bhfuair sí d'fhoghluim: a dhul agus an sean-liúdramán gránna sin a phósadh. Beidh a shliocht uirre: beidh aithmhéala uirre fós]/ Nach aisteach an deis atá air. Ní mian leis duine ná deoruidhe a leigean isteach faoi chaolachaí an tighe. 'Chuile uair dhá dteigheann sé amach fáisceann sé glas ar an dorus. I bhfaitíos atá sé cheapfainn, go gcuirfí aon-chaidéis ar an mbean / Is gránna í a dheis: ag imeacht ag éisteacht i ndoirse dúinte le faitíos a dtioc-fadh scéal ar bith uaidh. Dhá mbeirtí air, 'séard a bhí le déanamh leis a bheith dhá lascadh go dtugtaí dath dubh air. Ro-mhaith a bheadh sé aige / Cé a chuir an deis siúd ar an dubhachán móna? D'fhága duine eicínt béal in áirde é, agus níl deoir as aer nach bhfuil ólta aige. Is cuma le cuid de na daoine é, ach an t-ualach sin a thabhairt as, agus é a fhágáil faoi thoildeona Dé annsin. Ní gan uí gan ó móin a fháil anois /[Diabhal asna dhíot nach tú a chuir an deis siúd ar mo chuid féir aréir! B'fhurasta 'aithinte dhom é dhá gcuimhnighinn air. Tá an colbh thiar uiliog in a chiseach de bharr na h-oíche. Beirt eicínt a bhí ag cúirt -éaracht ann. Ní hé do mhalrait féin a bhí ann ariamh]/ Céard a chuir an deis sin ar do bhéal. Tá sé míllte gearrtha. Ní féidir go raibh tú ag troid / Is deas an deis atá ar na cigarettes anois. Thug sí cead dóib tuitim ins an lathach agus tá siad bog báithte. Sin í an stuaim i gcomhnaí / Tá maith mhór dhuit leabh-ar nuadh a fháil do'n ruifíneach sin go deimhin. Cuirfidh sé an deis chéadna uirre a chuir sé ar an leabhar cheana. Ní sheasfadh airgead Damer do dhuine ag coinneál leabhra leis sin /[Is breagh an deis atá aige ar an teach = caoi bhreagh, cuma cheart shlachtar air]/ Níl thairis sin de dheis ar a gharrdha muis / Nach breag an deis a chuir sé ar an seomra siúd. Is seomra ornáilte ceart anois é. Tá díol rí de theach aige gan bhréig ar bith / Cuireadh an-deis ar an gculaith siúd dó. Is geall le culaith nuadh as an bpíosa anois í. Ní aithneochthá uirre gur caitheadh ariamh í /[Má's againn a bhéas an sagart i mbliana, caithfear deis eicínt a chur ar an simléar sin. Níl puth dhá tharraingt aige]/ Is maith uaidh deis a chur ar thubáin leis an gceart a dhéanamh.

D'fheicfeá daoine eile agus dhá mbeadh an stuaim féin ionnta, ní bheadh an soilgheas ionnta / Tá an barr-baile ó rath orainn ar fad 'nuair nach gcuirtear aon-deis ar an mbóithrín. Níl aon-ghoir againn aoileach ná feamuinn a chur amach / Tá priobán dheas talmhana aige dhá mbeadh aon-dheis air, ach sin rud nach bhfuil air ná nach mbeidh air, má bhíonn sé in a chleitheamhnas siúd /[Ná bac leis siúd ag cur deis ar thada! Bhain sé féar annsin thíos anuiridh, agus níor bhain sé as a bhuille é, gur lobh sé ar an talamh le amluadh. Sin é an fear tighe agus urláir agad!]/ Dhá mbeadh deis ar an tóchar atá ann, tá an chuid is fhearr de'n talamh cuir atá againn ann. Tá muid ag tuineadh leo le chúig bhliana ag iarraidh comhla a chur leis a bhacfadh an taoille, ach bhí sé cho maith dhuinn a bheith in a(r) gcomhnaí, scáth ar thug siad de thoradh orainn. Tháinic seilbhéara ann agus mapaí aige, ach mo léan géar! /[Mara gcuiridh tú deis eicínt ar an leaba sin thuas anocht, ní bheidh aon-deis (chodlata) ortsa innte. Tá lagán síos in a lár. An tsraith atá tugtha uaithe]/ Is géar a theastóchadh deis a chur ar an gcathaoir seo, agus gan a fágáil mar tá sí. Chaith mé an oíche aréir in mo shuidhe uirre agus go deimhin, má chaith féin, ní mórán deis' a bhí orm. Bhí sí ag sníomh fúm, agus faitíos orm 'chuile phuínte gur ar shlatrachaí mo dhroma ar an urlár a bheinn /[Is beag an deis a d'iarrfadh an bicycle sin nuair a bheadh sé ceart. Dá mbeadh péire "tubes" ann agus "mudguard", ba mhaith an congnamh air iad]/ Is beag an deis a theastóchadh ó'n teach sin chor ar bith 'nuair a bheadh sé in a theach bhreagh. Feicthear dhom gur mór an dícéille atá air bualadh faoi theach nuadh a dhéanamh agus teach cho breagh sin aige cheana / Dá gcuirtí deis bheag ar an gcarr sin bheadh sé thar cíonn. Ach is deacair dó aon-smais a bheith air — carr nachar cuireadh bealadh ná "paint" ariamh air /[Cuir deis ar an gcoca féir sin agus ná bíodh leath-mhaing mar sin air. An céad-sinneán a thiocfas, ionntóchaidh sé druim ar ais é / Ní fuláir duit deis a chur ar an díon thairis sin. Is maith luath a cháinfeas do chliamhain an cur atá tú a thabhairt uirre (: ar an tuighe) má chastar aniar é. Tuigheadóir puinteáilte é féin / Ní mórán de dheis a chuir sé ar na bróga th'éis ar bhain siad de chaint amach. Breathnuigh uirre sin. Nach bhfuil sí ag eirghe ó bhonn aríst. Mo choinsias tá]/ Má's leat pósadh imbliana ní mór duit deis thairis sin a chur ort féin. Ní thiocfaidh siad isteach cho fada leat annseo ar an teallach. Is beag an baoghal orra. / Ara cé'n deis atá sé a chur air féin le posta a fháil. Ar chualaidh tú ariamh

é: mheallfaí bean dá gcaithtí dúthracht léithe. Níl postaí le fáil ins na smiochóideachaí / Má bhí rún aige a dhul ag troid ba dona an deis a chuir sé air féin. Breagh nachar bhain sé anuas an "seaicéad", agus na muinchillí a chrapadh mar a rinne a leithide ariamh / Ní bréag leaduidhe a thabhairt air. 'Sé a dheis atá air — 'sé sin / Ní fheicim go bhfuil sé ag cur mórán deis' air féin le dhul 'na bhaile mhóir indiu. Déarfainn nach bhfuil. Is fada leis an t-aistir agus is fuar leis an lá /[Má tá tú le dhul ag baint mhóna ambáireach, breagh nach gcuireann tú deis eicínt ort féin. An bhfuil barra agad? Ná dorugha. Ná sleaghan. Sílim go mbeidh sí gan baint má bhíonn sí in do chleitheamhnas-sa]/ Má's leat Earrach a dhéanamh cuir deis ort féin feasta. Ar chuala tú ariamh gur dhá dtrian de'n damhsa an chosamhlacht / Níl aon-deis 'e (: de) rath ar aon-duine ar an mbaile seo, le dhul ag saothrú ar bhóithrí fós. Tá leath a gcuid fataí ins an talamh gan baint. Sílim go bhfuil 'chuile dhuine siar le na fataí i mbliana thar agus bliain ar bith eile. Tháinig an uair an-fhliuch. / Má tá sé ag tnuthán le obair breagh nach mbeadh deis air thar mar tá. 'Ar ndú' duine ar bith a d'fheicfeadh é ag fánuidheacht faoi'n mbaile sin thoir, ní thiubharfadh sé smeach oibre le déanamh dhó go bráth. Is túisce a ghabhfadh sé idtigh diabhail ag iarraidh fear oibre, ná a bheadh baint ná páirt aige leis / Tá sé sin le dhul faoi bharra! Is deas an deis atá air muis le dhul faoi bharra. Diabhal bréag nach deas. B'fhéidir go dtóigfeadh sé aon-mhiaróigín a thuitfeadh di, agus go mbeadh sé indon a dtabhairt leis go dtí an cárnán. Ní mó ná sin é /[Is breagh an deis glan-tacháin atá uirre, a cuid éadaigh Domhnaigh! Déarfainn dhá mbeadh fonn glan-tacháin uirre nach gabhtha gléasta mar sin a thiocfadh sí. Ach bíodh aice. Mara miste léithe féin a cuid éadaigh nuadha a mhilleadh, ní miste linne]/ Níl deis ar bith ar an scioból sin l'aghaidh damhsa. Ní mór na fataí a chur amach as, agus coca a dhéanamh de'n tuighe, agus an t-urlár a scuabadh agus a sciúradh. Cá'id go mbeidh an chuairt mhíosa ann? /[Ní fhéadfaidh mé a dhul ag damhsa ar bith go bhfaghaidh mé deis ar mo bhróga. Tá péire tosaigh ag tastáil uatha go géar]/ Cuirigidh deis eicínt ar bhearna na h-iothlann, agus ná bíodh a bhfuil agaibh béal in áirde agus asail na tíre ag déanamh plaicín ghabhair dhó (: dhe). Is deacair dhaoib aon-teach a bheith agaibh, má mhaireann daoib ar an tsiléig sin / Shílfeá go gcuirfeadh sí deis eicínt ar a cuid gruaige agus gan í a bheith ag imeacht in a stuithneachán mar siúd. Siúd í ceann gan chíoradh ar chaoi ar bith! / Má tá pota le dhul ar an teine sin, ní mór dhaoibh deis bheag a chur uirre. Caith anuas gabhailín mhóna chugam … Nach gann gortach a thug sib

isteach í, má tá sib taobh leis an méid sin /[An bhfeiceann tú an deis atá ar an diabhlánach anois. Sháruigh sé a bhfaca mé ariamh len a chuid ámhuill-eacht']/ Is breagh an deis atá ar 'u (: bhur) gcuid móna th'éis na tuile seo. Breagh nachar thóig sib í as a scaradh an uair adubhairt mise lib é. Bhí sí in araidheacht a gróigeadh an uair sin, ach tá sí in a bog-eibhinn anois / Is maith an deis atá ar an tír dá mbarr. Nach bhfuil na daoine bánuighthe aca. Má thugann sib léas chúig bhliana eile dhóib, beidh sib ag iarraidh 'u' (: bhur) gcodach. Tuilleadh diabhail agaibh a ghéilleas dóib! /[Is mór is fiú dhuinn an méid sin deis' a bheith ar gharrantaí bharr an bhaile againn thar agus mar bhí siad. Ní raibh goir ar bith againn a dhul dhá gcur cheana ach féadfar a gcur anois]/ Is dona an deis atá ar an aimsir seo le dhul in éadan féir. Sílim go mbainfidh mé féin scathamh eile amach ar na portaigh nó go n-athruighidh an aimsir / Is caillte an deis atá mar sin air ag imeacht ar thrí cosa. B'fhéidir dhá mbeireadh sib air agus breathnú ar an gcrúib go mbeadh a fhios agaibh céard atá ag goilleamhaint air /[Sílim leis an deis atá air go mb'fhearr leigean dó. Tá sé thíos 'sa talamh ag na doigheachaí bradacha sin]/ An bhfeiceann tú an deis atá ar an ngabáiste i mbliana: í rodtha ithte as cnáimh éadain ag péiste agus ag cuileogaí. InDomhnach tá, hébrí cé'n chiall é. /[Sílim leis an deis atá ar an mbealach th'éis na báistighe nach bhfuil sé ionrásta ag asal ar bith ualach móna a thabhairt ann. Ní shiubhalfadh an fiadh na cíacraí bradacha sin scaithtí]/

Tá an láighe sin ar mo dheis = má's ciotach duit, is láighe chiotach í, nó má's deiseall duit, is láighe dheiseall í / Céard í do dheis? = an ciotach nó deiseall atá tú /[Níl a fhios agam an bhfeilfidh an sleaghan sin duit chor ar bith. Céard í do dheis]/ Ní fhéadfaidh mise aon-bhuille oibre a dhéanamh nó go bhfaghaidh mé láighe a bhéas ar mo dheis. 'Ar ndú' ní cheapann tú go bhfuil fear ciotach indon láighe dheiseall a oibriú. Baoghal air / Ní fhéadfainn aon-cheart a bhaint de'n láighe sin. Níl sí ar mo dheis / 'Sí atá ar fheabhas ceart. Tá sí ar mo dheis / Cinnfidh ar Sheán aon-rath a dhéanamh má chuireann tusa an "ball" suas ar an taobh thoir. Ach leigeann tú chuige i gcomhnaí ar a dheis í /[Is maith le chéile an cúpla sin. An bhfeiceann tú an chaoi a bhfuil an liathróid ar a dheis ag 'chaon duine aca — fear deiseall agus fear ciotach. Déanfaidh siad puca de'n bheirt eile]/ Ceann ar bith a theagas ar a dheis chuige, leagann sé

uirre, ach tá an fear istigh féin sáthach aigeanta. Níl sé dhá gcur amach ar a dheis chuige. Níl rath ar bith air leis an gciotóig /[Ar an taobh siúd is fhearr dhó í. Beidh sí ar a dheis aige. Ciotóg é. Shílfeá nach bhfuil locht ar bith aice ar na gnaithí ach an oiread. Dheamhan cuíbh -eamhlacht ar bith fanta ins na mná anois, ná cuid de chuíbh-eamhlacht. Is fada go leigfeadh bean fadó cead d'fhear breith uirre as comhair na tíre mar sin.]/ An fhad's 'bhí mé ag cur suas na móna ar mo dheis bhí agam. Bhí mé ag tabhairt cnáimh le creinneadh do'n scarthóir, ach cho luath agus a d'athruigh siad, agus a mb'éigin dom tosuighe in aghaidh deise, bhíodh sé ag forcabhás orm ar an mbruach [ag baint mhóna in aghaidh deise = ag baint an bhínnse i riocht agus go gcaithfeá an mhóin a chur ar thaobh na láimhe ba lugha umhlachta] / B'fhurasta dhuitse earra mhóna a bheith ar bruach agad agus an scarthóir a shárú, ach feacha mise a bhí ag baint in aghaidh deise i gcaitheamh an lae. Is beag an dochar dhom arsa tusa a bheith gan seadh gan seoladh anois / Chaith mé lá ag casadh fóidín baice in aghaidh mo dheise do J. annsin thíos. Mara gcasainn mar sin é, chaithfeadh seisean an chlaise a chur isteach in aghaidh deise, agus ó a bhí sé in a sean-fhear ba mhór liom a dhul ag fiachadh air. /[Chaith mé an lá ar mo mhine ghéire. Bhí a shliocht orm: is beag le go raibh mé indon mo shean -bháinín a iomchur abhaile trathnóna]/ Ní thiocfadh sí liom chor ar bith mar sin. Bheinn ag obair in aghaidh deise. Tá sé ceart go leor agadsa atá ar do dheis / Chaith mé an lá ag tarraingt an tubáin in aghaidh deise, leisce P. Mh. a chur dhá tharraingt scaithtí in aghaidh a dheise féin. Dhá n-athruigheadh muid mar a bhí againn a dhéanamh, thuitfeadh seisean i mbun a chos faoi. Dheamhan mórán gaisce a bhí air, mar a bhí sé féin / Is diabhaltaidhe an báireoir é, agus an chóir a dteagann an liathróid chuige, caitheann sé an poc a bhualadh in aghaidh deise 'chuile uair. Tá trí chúl amuigh aige anois dhá bualadh in aghaidh deise. Dhá bhfaghadh sé ar a dheis í, níl a fhios cé'n gníomh atá ann. Dhéanfadh sé cat agus dhá rioball. 'Sé atá deas air! /[Ionntuigh ar an taobh eile agus beidh do bhuille ar do dheis agad. Tá tú ag bualadh anois in aghaidh deise, agus do do chlaoidhe féin.]/ Seas ar an taobh seo agus píceáil amach ar do dheis í. Nach feasach duit gur in aghaidh deise atá tú ag píceáil anois. Shoraidh dhíot nach nglacann go réidh thú féin, agus gan forú mar sin a bheith ort. Is

iomdha oíche ag an teampall orainn /[Shílfeá anois, fear ciotach go scríobhfadh sé ciotach; gurb é a bheadh ar a dheis. Ach ní fhaca mé aonduine ariamh ag scríobhadh ciotach. Bíonn siad ann in a dheidh sin is dóigh]/ Is cuma céard í a dheis mar 'sé an cás céadna dhá gharrdha é. Dhá mbeadh sé ciotach agus deiseall cho maith le chéile, níl aon-spreacadh ann le tada a dhéanamh. Diabhal spreacadh ná cuid de spreacadh / Ní raibh mé ar mo dheis len a dhéanamh an uair sin = ní raibh mé faoi réir nó feistighthe /[Is mór an seans é, do'n duine atá ar a dheis le tosuighe ar an toirt boise. Ach sin caoi nach bhfuil cuid againne]/ Níl mé ar mo dheis ceart fós, ach an uair a bhéas, feicfidh tusa dubhachan déanta. Ní stró ar bith dhomsa an garrdha sin a fhódú in imeacht cupla lá … Foighid ort go bhfeicidh tú! /[An té a bhí ar a dheis le dhul ag baint mhóna an uair sin, agus an aimsir bhreagh a thapú, bhí a shliocht air: tá móin aige. Ach ní raibh fata de bhláth bliana lánuighthe ag cuid againn an uair sin. Sin é a d'fhága ar deireadh muid]/ An té atá ar a dheis anois le dhul ag sean-leasú leis an bhfeamainn dearg seo, tá leis. Féadfaidh maicín S. a tapú. Bíonn sé as cionn a chuid oibre i gcomhnaí. Is ait an saoth-ruidhe é /[Dhá mbeinn ar mo dheis, dhéanfainn sin féin, ach tálta (: ó thárla) nach bhfuil caithfidh sé fanacht go mbeidh breith ag na daoine air. Níl rud ar bith is géire a thastuigheas timcheall an tighe faoi láthair ná fail mhuc]/ Ní fheicfidh tú ag caitheamh an phíopa é, ach an uair a mbíonn sé ar a dheis ceart: am scuirthe trathnóna, nó th'éis am dinnéir. Is beag an luadh a bheadh aige é a dheargadh chomh uain agus a bheadh sé ar a táirm oibre. M'anam nach ndeargfaidh! / [Ní mó ná dá mbeadh sé ar mo dheis ceart anois go ngabhfainn do mo mheárú féin ag biorrú claidheachaí. Tiocfaidh na claidheachaí leis an gcaoi atá orra, nó go bhfaghaidh na daoine ionbhadh maith ar a dhul in a n-éadan. Seo í an mhí dhubh ar aon-chor, agus níl mórán bearradh le baint ag aon-cheo de'n talamh]/ An uair a tháinic siad ar a ndeis chuir siad tuilleadh earraí isteach agus dheamhan i bhfad nó go raibh siopa láidir aca = an uair a bhí an oiread brabaigh nó bantáiste aca de bharr ar dhíol siad roimhe sin /[Níl aon-mhaith dhuit ag caint ar an rud sin anois. Indiaidh a chéile a déantar na caisleáin. Tá do dhíol de theach agad faoi láthair. Fan go dteagaidh sé ar do dheis agus déan ceann annsin. Ach cé'n smál a bheadh ort a dhul ag bacadh leis anois agus a bhfuil eile ag glaodhach ort]/ Shín sé amach páipéar deich bpunt agam. "Seo anois a bhean chóir" adeir

sé. "Íoc do chuid dlighteanais leis sin, agus ná bíodh deifir ar bith ort dhá íoc liomsa, nó go dteagaidh sé ar do dheis go maith. Níl dlúthas ar bith agamsa le airgead". Caraid a dhéanfadh é, nach h-eadh /[Bheadh an scéal ceart go leor dhá bhféadthaí na gálaí sin a íoc ar ais uair ar bith a dtiocfadh sé ar dheis duine, ach ní fhéadfaí. Caithfidh duine a bheith suas leis an lá cáirde. Mara mbeadh "bháithfidís" a mbeadh ag gabhail leat]/ Bíodh foighid agad. Tiocfaidh sé ar do dheis uair eicínt iarraidh a thabhairt dó, agus ná leig do leas ar cáirde annsin. Tabhair dhó go trom tairbheach é /[Fág mar sin é, nó go dteagaidh sé ar do dheis go maith. Ach a dteagaidh déan é, ach níl dlúthas ar bith leis go dtí sin.]/ Déarfaidh mé leis é, ach a dteagaidh sé ar mo dheis. Ní bhfuighinn ionnam féin a ionnsuighe faoi láthair. Tá mé faoi chumaoin aige. Ach a gcúitighidh mé an chum-aoin sin, beidh mé díreach leis, agus féadfaidh mé mo rogha rud a rádh leis. Beidh a shliocht air: gheobhaidh sé an teanga uaimse, feicfidh tú fhéin air /[Níl aon-ghoir aige 'chaon tsórt a dhéanamh in éindigh. Tabhair ionbhadh dhó. Bainfidh sé deatach as Sasana 'nuair a thiocfas sé ar a dheis. Siúd é an buachaill aice]/ Tá sé ar a dheis aige dháiríre anois = is féidir leis an rud a dhéanamh gan stró ar bith; níl teampán ar bith air faoi'n rud a dhéanamh, nó a chúis a chur i gcrích /[Féadfamuid muid a dhul ag baint fóidín aiste (: ag baint mhóna) lá ar bith feasta. Tá muid ar a' (: ar) ndeis aige / 'Sé atá ar a dheis aige ceart anois. Níl aon-fhear in do thír is fhearr an aghaidh bean ná é. Beidh "bainis Pheige Ní Eaghra" annsin. Níor fhága siad aon-éalann ariamh ar an ngnaoidheamhlacht]/ Tá dola feamainn dearg istigh adeir tú. Is tú atá ar do dheis aice anois. Measaim nach mbeidh aon-duine le dhul in a béal ort. Tá 'chuile dhuine ro-chruadhógach le na fataí / Is mé a bhí ar mo dheis aige ceart dá dteagadh sé ach níor tháinic. Loic sé. Bíodh aige anois. Is fada aríst go dtugaidh mise an dóigh dhó, ó d'fhan sé uaim. / Is iad atá ar a ndeis aige. Níl talamh na tráigh ag cur imní orra, lá agus nach gcuireann siad ach ceapaichín amháin fhataí. 'Ar ndú' féadann siad sin a bheith ag pléidh le poitín, 'chuile lá dhá n-eirigheann ar a súil / Tá a theanga ar a dheis aige ar chuma ar bith = tá sé paiteanta ag caint; is cainteoir maith é /[Ná h-iarr in a dhiaidh siúd é, má theigh-eann sé ag cóiriú aonduine. Tá a theanga ar a dheis aige. Ba dual dó. Cainteoir maith a bhí in a athair féin.]/ Tá an deagh-chaint i gcomhnaí ar a dheis aige. Ar chuala tú an oiread nathuidheacht' ag aon-chríostuidhe beo agus atá aige. Shílfeá go slóchtfadh sé é féin agus a mbíonn le rádh aige /

Sin é an buachaill a bhfuil an chaint ar a dheis aige = ar a chomhairle féin / Tá a theanga ar a dheis aige, ar chuma ar bith. Is geall le 'tornae (: atornae) é, ag scoilteadh cainte. / Níorbh fhuláir do dhuine an Béarla a bheith ar a dheis aige le carra chainte a chur air sin. Maidir le mo leithide-sa, ní bheadh aon-ghnatha agam ag pléidh leis. / Chuirfeadh sí cosa beaga faoi na glasógaí ag caint. Mo léan géar nach aice atá an teanga ar a deis. Bheadh sé fánach ag mo leithide-sa a dhul ag coinneál cabaireacht' léithe /[Chonnaic mise an chéad am a dtáinig sé sin annseo nach raibh smid Ghaedhilge in a phluic. Bheitheá ag caint leis igcaitheamh an lae agus ní bheadh a fhios aige an focal féin adéar-fá. Ach mo choinsias, tá an Ghaedhilge ar a dheis aige anois]/ Tá an ghráiscín-teacht sin ar do dheis agad go maith, tá sin. Ach níl do chuid paidreachaí agad leath cho maith. Diabhal é muis / An uair a thiocfadh sé in a dheis, dhéanfadh sé é = an uair a bhfuigheadh sé faill air; an uair a mbeadh sé igcruth a dhéanta / [Déanfaidh mé sin féin, má theagann sé in mo dheis. Mara dteagaidh, fanóchaidh sé annsin. Ní bhainfidh mé leis go mbeidh mé as cíonn mo chuid oibre ceart / Cé'n ghoir atá agamsa fanacht nó go dteagaidh sé in do dheis-sa é a dhéanamh. Nach fearr go fada dhom leigean dó ar fad]/

Caithtear crainnte ar dheis = féachaint cé'n fuireann a gheobhas tús buailte ar an liathróid ins an gcluiche corr / Fan thusa ar an daoradh bualadh le deis a thabhairt duinne / Nach h-iad do dhream-sa a bhí ag tabhairt na deise. / Mara mbí tú go maith ins an áirdeall ort féin anois cuirfidh sé ó dheis thú = d'fhuirinn a dhóghadh nó a chur amach (féach "dóghadh" agus "cluiche cor") /[Má dhóightear iadsan geobhaidh muide deis.]/ An dóghadh ar chúl daoradh a chuir ó dheis muide trí h-uaire. Tá boc ag S. Mh. cho cam le cois deireadh cuit /[Fuair siad-san deis ingeall ar do chuid sleamchúis-sa. Ní dhéanfadh áit ar bith thú leis an liathróid a chur ach isteach i gcrúib J. Uí Mh. 'chuile uair. Sin é an chaoi ar chaill muide deis leath na gcuarta]/ Níl sé indon deis a bhualadh achar ar bith. Ní raibh aon-duine ar an daoradh reatha aon-uair dhár bhuail sé í ó mhaidin. Tá muid cuibhrighthe ar an daora clis ó mhaidin / Amachaighidh lib. Tá deis againne / Is gearr an t-achar atá sé indon an "ball" a chur leis an deis chor ar bith. Fágann sé daoine ar an daoradh clis i gcomhnaí /[Ag fanacht le deis atá siad le baint as. Cho luath agus a gheobhas siad deis, déanfaidh siad ar an daoradh teacht abhaile]/ Is diabhlaí go deo an pleota thú. Nachar dhubhairt muid leat cheana má aimsigh-thear an liathróid ins an aer indiaidh do dheise go bhfuil dóghadh ann. Ní mian le{at}

in a dheidh sin gan a cur isteach i láimh an "tset" eile / Sin anois deis mhaith. Deifrighidh a chailleachaí. Beidh sib uiliog "ins an mbaile" / Buailighidh deis agam. Caith deis chugam a Sheáinín. Bainighidh as a chonuasachaí, bainighidh as, nó beidh sib dóighte / 'Sé T. a chaith deis chuige an uair sin ar thug sé an boc dalba do'n "bhall". Thug sé abhaile uiliog muid an uair sin. 'Sé a bhí deas air. Nachar chuir sé siar ins an gcrích dhriseachaí í. Dhá mbeadh an daoradh teacht abhaile thoir ag an D. Mh. ba bheag an stró orainn a bheith ann. Dheamhan stró muis / Teigheadh muid ag bualadh deise. Gheobhaidh muid an-spraoi air / Ní raibh rath ná ríoghacht leis an gcomlán a bhí againne. Bhídís ó dheis 'chuile phuínte. Bhí na buachaillí eile seo ro-aigeanta aca / Diabhal mórán a d'fheicfeá iad ag bualadh deise ins an ruta seo anois. Ní bhíodh domhnach ná Dálach fadó nach h-í a bhíodh uiliog thíos annsin thíos ar an mbóthar, ach ní fhaca mé ann anois í le na cianta. 'Sé an áit a mbíodh an daoradh bualadh againn ar an leic sin ó thuaidh de bhóthar, ar aghaidh gheata Mh. /

Shílfeá go bhfuil tú ar dheis na gréine dhuit féin, bail ó dhia ort = ar aghaidh na gréine = ar dheiseabhar na gréine (: is annamh adeirtear "deiseabhar") / Bhí dubh-theas ann indiu ar dheis na gréine. B'éigin dom féin agus do T. Mh. a dhul ar scáth na sceiche thuas ag an mboithrín treasna / Is breagh socamhlach atá tú bail ó Dhia ort ar dheis na gréine. 'Cheal nach n-airigheann tú griodánta indiu í. Ní airigheann / Tá sé aerach agus ar dheis na gréine. Is deas an áit tighe é / Oscluigidh an dorus atá ar dheis na gréine. 'Ar ndú' ní gaoth atá ann le go mbeadh sib dhá choinneál dúinte / Is gearr a bhéas an mhóin sin ag triomú feicfidh tú féin air. Tá deis gréine annsin uirre. Ní thriomóchadh do chumhachta na portaigh atá agamsa ar an taobh ó thuaidh de'n chnoc / Is deacair féar a thriomú i gcomhnaí ar an taobh sin de'n chnocán. Ach ní bhíonn anró ar bith air, ar an taobh ó dheas mar bíonn deis na gréine air / Tá sé ar dheis na glóire le congnamh Dé = ar dheiseabhar na glóire = as comhair Dé ins na Flaithis / Ar dheis na glóire go raibh sé! Bhí 'chuile dhuine buidheach dó, agus beidh Dia freisin buidheach dó le congnamh Dé / Tá sé ar dheis na glóire anocht, agus má tá féin, is maith a shaothruigh sé í. Níor leig sé faillighe in aifreann ná in urnaighe ariamh / Níl call duit caitheamh in a diaidh ar bith a bheith agad. Is maith an mhalrait aice é. Tá a h-anam geal ar dheis na glóire anocht / Mara bhfuil seisean ar dheis na glóire is truagh do'n chuid eile againn. Níor ghoid sé ná níor fhuadaigh sé, ná níor chuala aon-duine ach an deagh-fhocal as a bhéal ariamh faoi'n gcomharsa. Go dtugaidh Dia a luach dó! /

Tá deis aige sin = maoin nó saibhreas. Ní tugtar ar airgead go h-áirid é, ach ar údar airgid .i. talamh, áit nó gabhaltas ar foghnamh, beithidhigh, acraí curaidheachta (: céachtaí agus rl.), teacht isteach agus rl. Deis airgid atá i gceist ann b'fhéidir; sé sin slighe airgid / "Is dona an rud onóir gan deis" = sean-fhocal = duine a bheith uaibhreach, leitheadach agus gan aon-chur leis ann = uaisleacht dhona = "beggared gentility" / "Onóir gan deis nó putóg gan geir" ar chuala tú ariamh é /[Sin í féin muis, an onóir dhona atá ag imeacht leo sin: onóir gan deis nó putóig gan geir, adeir siad / Níl luach a bhéilí aige, agus in a dheidh sin agus uiliog, shílfeá gur mac duine uasail é, tá sé ag imeacht cho suimeamhail, cho leitheadach sin. Onóir gan deis ná putóig gan geir, adeir siad]/ Diabhal bréag nach fiú dhó a bheith ag imeacht agus a "chollar" agus a "tie" air. Ní raibh aon-lá ariamh nach raibh stróic de'n leithead ag imeacht le na Seáininí céadna, pé'r bith ins an diabhal cé'n fáth. Onóir gan deis 'ar ndú. 'Deile /[Ghabhfadh sí thart ar an mbóthar anois gan beannú duit. Tá sí an-mhór innte féin i gcomhnaí, té (: cé) nach mórán le cois na sláinte atá aice anois. Má tá sí indon snáth a choinneál faoi'n bhfiacail, 'sé a cloch-neart é. Ach tá an onóir innte in a dheidh sin — an onóir gan deis]/ Níl duine ar an bhfeadhain aca nach bhfuil an bealach céadna leis: árdnós agus onóir. Chuala mise ariamh é: putóig gan geir nó onóir gan deis. Sin é a fhear-acht aca sin anois é. Is iomdha cor ins an saoghal ó'n am a bhféadfaidís sin cis ar easair a dhéanamh de'n tír. Ní dhéanfaidh siad níos mó é, dar mo choinsias / Ní mórán samaoine dhóib an onóir sin: onóir gan deis mar adeireadh T. Ph. Sh., go ndéanaidh Dia grásta air! /[Tá deis aige sin nach bhfuil ag aonduine ins an mbaile sin: dhá acra agus fiche de scoth na talmhana, agus feamainn agus sliabh dhá réir. Is buachaill é sin atá in a shuidhe go te.]/ Bhí deis ins an teach sin tamall, ach is maith bochtuighthe é indiu. Tháinig an díleághadh air. Smál é sin a bhíos ar chuid de na daoine. Dheamhan neart a bhíos aca air / Níl sé taobh leis an méid sin deise. Nach bhfuil giodán eicínt talmhana aige i S. F. agus beithidhigh aige air freisin. Tá agus seala mór / [Níl duine ar bith thart ins na bólaí sin nach bhfuil láidir i ndeis. Is dóib is fusa. Déanann siad iarmhais mhóra ar bhainne. An fear is lugha beithidhigh annsin, bheadh suas agus anuas le cúig nó sé de cheanna aige.]/ 'Bhfeiceann tú a bhfuil de dheis agus d'áirgí aige! Níl aon-cheo dhá bhfeileann d' fheilméara nach bhfuil aige. Dar fiadh tá. Má's í an capall fiadhaigh féin í, tá sí ann / Is gearr le dhul a chuid deise ar fhear Achréidh. Go bhféachaidh Dia ar do cheann a stór. Bheadh a chúig oiread talmhan' ag fear

Achréidh leis gan trácht chor ar bith ar an maith a bheadh ann thairis / Shanntuigh sé an deis. Sin é an fáth ar chuir sé an inghean ann. Leabharsa ní raibh néal ar bith ar siúd. B'fheasach dó cá raibh an ciste gan aon-neach a theacht chuige! / Tá deis agus bráigill aige. [Dheamhan lá aonaigh dhá n-eirigheann air, nach mbíonn suas le leathchéad bulán annsin thiar aige. Go bhféachaidh Dia ort, tá an oiread sléibhe aige sin agus a thóigfeadh a bhfuil de bheithidhigh ó chaorán mór na Gaillimhe go dtí Caorán Mór an Chillín. Níor ghaisce dhó sin, arsa tusa. Is beag atá ar an bhfad sin le h-ais mar bheadh in áit eile]/ Níl cinneadh go deo len a bhfuil de dheis ag an bhfeairín sin muis. Agus in a dheidh sin agus uiliog, tugadh bosóg ins an tóin dó amach as do pharáiste gan aon-bhean a thabhairt dó. Dhá dteagadh ceannaidhe ceirteacha timpeall muis, is maith réidh a d'eireochadh ceann leis, is maith sin /[Is mór a thuit siad indeis le gairid, té (: cé) go mb'fhurasta cur aca roimhe seo. Ach tá na caisleáin ag tuitim agus na cairn aoiligh ag eirigh mar adeir an ceann eile]/ Tá sé ag tuitim indeis mar a bheadh Dia dhá rádh leis. Ba gheal an lá dhó, an lá ar phós sé an bhean sin. Tá sruth agus gaoth leis ó shoin. Ach chonách maitheasa air. Is maith an aghaidh sin air / Is furasta dhó sin tuitim indeis, agus gan aon-tsiopa eile fhoisceacht dhá mhíle dhó le luach leithphighne a chur as dó. Ní bheidh achar ar bith go mbeidh sé in a ridire má mhaireann dó. Diabhal achar / Tá an saoghal ag feithiú leis ach ní mór linn dó. Má tá sé ag tuitim indeis, shaothruigh sé go cruadh é. Dheamhan a dhath adeirigh leis sin go bog ó a rugadh é, ná cuid dhá dhath /[Bhí sé láidir go maith indeis cheana, ach neartuigh sé tuilleadh ó chuaidh an chlann i bpostaí. Tá airgead le dóghadh aige anois]/ Tá deis agus cuid agus maoin aige sin. Dar príosta dhá bhfeictheá a theach déarfá sin. Is breagh áirgeamhail an teach é, agus ní taise do'n ghabhaltas talmhan' é atá aige / Chuala mé gur mór a thug sé anuas indeis le gairid. [Chonnaic mise é sin scathamh agus ní raibh aon-fhear — ba chuma ins an míádh ché hé féin — i gC. Fh. nach leag-fadh sé amach punt ar an bpunt leis. Bhíodh leath na dtamhnachaí sin suas ar cíos nó ar féarach aige an uair sin. B'fhada a chaith T. Sh. ag maorsacht dó i dT. an L. Níor mhaith dhuit maorsacht a shamhlú le T. indiu. Sin é an chaoi a mbíonn sé. Ag tuileadh agus ag trághadh a chaitheas sé an lá]/

Deiseamhail: aidiacht.

Deiseamhail: láidir nó tréan indeis; slighe airgid a bheith agad;
cuid mhaith talmhana, beithidheach, áirgí nó eile a bheith agad; deis airgid
a bheith agad; thú a bheith in do shuidhe go te; thú a bheith teann in airgead.

Tá sé sin deiseamhail go maith, ach dheamhan mórán gaisce ar an
dearbhráthair measaim. Ní fhaca mé aon-cheo aige ar aon-aonach
le bliain. Údhachta na mná a chuir rath ar Sh. Marach sin, mo léan
ghéar, is maith bocht a bheadh sé / Is deacair dhó a bheith deiseamhail
agus a bhfuil de dhola air. 'Ar ndú' a dhearbhráthair m'anama thú, nach
ag seachadadh amach a bhíos sé 'chuile ré soluis /[Deirimse leatsa hé
brí céard adéarfas tusa gur deiseamhla go mór an baile a bhfuil tú
istigh ann ná aon-bhaile eile ar an gceathramhadh. Breathnaigh ar an
mbaile sin thoir. Nach bhfuil maith an bhaile uiliog ag an L. Agus an dá
bhaile seo taobh thiar dhíot, céard atá ionnta ach breaclachaí agus clochair
agus diomallachaí. Níl an baile seo giorruighthe tada, agus dheamhan a bhfuil
de chailleadh ar an talamh atá ann léar (: de réir) mar atá talamh ins
an tír seo.]/ Tá sé thar a bheith deiseamhail a mhic ó. Nach bhfuil dath gach
bó ar cnoc aige. Tá agus airgead tirm. Agus ní chaithfeadh sé sciúrtóig in a
dheidh sin, le teann crádhas croidhe, dá mbeadh sé in éindigh leat as seo go
Breatain. /[Dhá mbeadh sé cho deiseamhail agus go mbeadh gacha le acra aige
le T. Mh. Ó. C., ní thiubharfainn m'inghin dó, agus an cleas túatach a rinne sé
féin cheana. Níl mise a iarraidh de chliamhain ach fear gnaoidheamhail eicínt
a mbeidh caitheamh agus fáil aige. Is fearr sin ná scaibhtéara a mbeidhfear
ag casadh a chuid cionnta leis is 'chuile áit dhá dtiocfaidh sé]/ Cé'n mhaith
ins an tubaiste d'fhear a bheith deiseamhail, má bhaineann sé an craic-
eann dó féin ag saothrú na deise. Is beag an tsamhaoine d'aonduine é
féin a chur síos ins an talamh fiche bliain roimh an ám. Ba mhaith le
cuid againn sásamh eicínt a bhaint as an saoghal an fhad agus a bheadh muid
ann. Is iomdha lá ins an reillic orainn mar adeir an ceann
eile / Mara bhfuil sé deiseamhail muis, tá sé féin agus a chosamhlacht in aghaidh a chéile,
tá sin. Nach bhfuil díol duine uasail de chulaith éadaigh air agus an bhfeiceann tú an
mótar atá aige. 'Bhfuil a mhacsamhail ins an tír? /[Dhá mbeadh 'chuile dhuine cho deis-
eamhail le chéile, ní bheadh fear mór ná fear beag ann, agus bheadh an saoghal ar deil.
Ach níl sé mar sin, ná ní bheidh sé mar sin go lá an Luain]/

Deó = is an leagan "go deó" = go bráth; choidhchin; go deireadh an domhain.

Tá tú réidh leis go deó = ní bhfuighidh tú é choidhchin / Ní fheicfidh tú é go deó aríst = go deó na díle = go deo dearg na díle = go deó na ndeór = go deo na ndreancaidí! = go deo ná go bráth / Tá tú as go deó agus go bráth anois = choidhchin / Ní ghabhfaidh mé ann go deó ná go bráth aríst / Go deó ná go bráth, ní dhéanfaidh mé a leithide de chleas aríst / Go deó ná go bráth ná teirigh ag breathnú air / Ní bhfuighidh sé aon-mhála annseo, go deó ná go bráth aríst / Go deó aríst ná taobhuigheadh sé iad. Sin é a bhfuil faoi / Go deó aríst má mhairimse ní fheicfidh aonduine istigh in a theach mé / Go deó aríst, ní bhfuighidh sí aon-deóir bhainne annseo, ní dhá mhaoidheachtáil uirre é. Dheamhan é, dhá dtuiteadh an drandal aisti dhá fhuireasbhaidh / Ní bhfuighidh sé aon-lá oibre uaimse go deó aríst / Tá "go deó" fada. B'fhéidir go dtiocfadh sé uair eicínt /[Deir tú nach labhróchaidh tú leis go deó. Tá "go deó" fada. Is dóigh nach labhróchaidh tú leis go ceann fada ar aon-chor / Ná h-abair "go deó". Is fada an t-achar "go deó"; agus is iomdha cor a bhíos 'san saoghal / Níl aon-mhaith do dhuine ach labhairt 'san gceart. Dubhairt tú é sin cheana agus is gearr aríst go raibh sibh in 'u' (: bhur) dhá gcuid déag le chéile. Is maith an scathamh "go deó" a mhic ó! / Ní fheicfidh mé mo dhearbhráithrín go deó deó. / Tá mo dheirbhshiúirín dílis imighthe uaim go deó deó / Tá sí imighthe anois agus ní fheicfidh muid í go deó deó]/ "Gheobhfainn mac i mbruínn, fear i dtuím, ach mo dhearbhráithrín ní bhfuighidh mé go deo deo" = an bhean ar fiafruigheadh di, cé aca ab fhearr léithe a thabhairt ó'n gcroich: a mac a fear, nó a dearbhráthair / Tá tú réidh leis anois go deó deó / "Dhá mbeadh breith ar m'aithmhéala agam, ní leigfinn uaim í go deó deó", adeir sé faoi'n inghin / Ní scarfaidh mé leat go deó deó anois /[Go deó deó aríst, ní fheicfidh sé mise istigh ar a urlár / Go deo deo aríst, ní bhainfidh sé aon-bhearradh do mo chuid talmhana-sa / Is báis -teach go deo é = uair a bheadh ag síorraidhe ag báisteach / Is sioc go deo é, mara bhfuil ag Dia / Sneachta go deo é anois. Ní hé a mhalrait de chosamhlacht atá air]/ Cogadh go deo é déarfainn.

Seo é deireadh an tsaoghail mara bhfuil ag Dia! / Achrann go deo é anois, má tá siad in éadan a chéile aríst / Bainseachaí go deo ar an mbaile anois é / Slaghdán go deo anois é. Tá sé in a lionán (leanán) agam i gcomhnaí / Dhá mbeadh mo chailleadh go deo leis, ní dhéanfadh sé

an méid sin soilghis dom (fc. cailleadh) / Go deó! Is beag an baoghal air siúd a thiacht abhaile (: in a freagra air: "cá'ide go dteagaidh sé abhaile?") / Dheamhan é go deó. Is dona na gnaithí a bheadh air a dhul ag cur easonóir ar bith air fhéin leo / Fág go deo é; má thogruigheann tú / Meastú nach bhfuil rún aige a choinneál go deo? 'Sé' a chosamh-lacht go bhfuil /[Beidh sé ag baint mhóna go deo marar scuir sé fós / Leig go deó é má's breagh leat. Dheamhan an miste liomsa dhá mbeitheá gan aon-phighinn dhe a íoc choidhchin / Maran leat a leigean go deó, tá sé indáil len am a íoc / Seasfaidh an chulaith éadaigh siúd go deó dhó / Sheasfadh unsa tobac dó sin go deó / Bhainfeadh sé go deó as punt airgid / Bhainfinn go deó as péire bróg ach gan a dhul 'na chladaigh. Itheann an sáile an leathar uiliog / Ní iarrfadh sé go deó ach ag nathuidheacht = 'sé a bhuac é / Dheamhan a n-iarrfadh sé go deó ach codladh / Ní iarrfainn go deó ach ag caint leis. Duine an-tuiscionach é]/ Ní iarrfadh sé go deó ach ag saghdadh daoine / Go deó thú annsin! = le duine a bheadh ag gabhail fhuinn, nó ag casadh puirt nó ag damhsa nó ag bualadh báire agus rl. / Muise go deó annsin thú! Nar lagaidh Dia thú! / Go deó thú! Ná raibh tú tinn muis! Is tú an scoth / Go deó thú fhéin! Is tú plúr na cruithneachta! Go bhfeicidh mé liath thú agus ciall ag do chlann / Go deó sib le chéile. Sibh atá indon é a chur amach dhá gcroidhe (: de bhur gcroidhe) /[Go deó sib annsin! Bheadh ciall in 'u' leithidí / Go deó an baile se'aghainn féin! Siad a thug an damhsa leo 'leabharsa! / Go deó é fear an tsléibhe! Tá an smior in a ghéaga / Mo ghrádh go deó thú! Ní 'san nguth a chaill tú é ar aon-chor!]/ Mo ghrádh go deó sib. Faoi a gcois é! / Mo sheacht ngrádh go deó sib! Sib atá deas air bail ó Dhia oraibh! / Mo ghrádh go deó thú fhéin! Is tú atá i ndon é a phreabadh amach, bail ó Dhia ort! / "Mo ghrádh go deó na mná faoi dhó mar siad a d'fhága mise tinn". [Líne as Peigí Mitchell — amhrán] / Go deó nó go dtugaidh sé féin duit é, ná h-abair tada faoi = go dtí an uair a dtiubharfaidh sé féin duit é agus rl. / Go deó go bhfeicidh tusa an lorga ag breacadh ní bheidh aon-dubhachan orra = nó go bhfeicidh tusa agus rl. / Go deó nó go ndéan -tar bóthar suas annsin, níl aon-mhaith dhuitse ag caint ar a dhul dhá fhálú /[Go deó agus go bráth nó go bhfaghaidh sé sin iarraidh mharbhthach ní leigfidh sé de'n ealadhain sin = nó go bhfaghaidh sé]/ Go deó agus go

bráth nó go bhfeicidh sib bád aeir tarraingthe imbéal an dorais ag 'chuile fhear mar atá na carrannaí asail anois, ní bheidh aon-rath ar an saoghal! / Go deó nó go bhfanaidh sé sin as an teach sin, ní bheidh lá foráis air. Tá dalladh púicín dhá chur air as éadan annsin /[Go deó go dtumaidh tú na cosa sin i bpoll criathraigh, beidh siad sin (: criogáin) ag pléidh leat / Go deó nó go gcuiridh tú neart oibre ar an gcapall sin, beidh sí ar an eirghe in áirde sin. Sclábhaidheacht atá indon í sin a cheannsú, agus ní tada eile / Go deó agus go bráth, nó go bhfeicidh tú é sin ag suidhe síos ag seanchus le M. Sh. Gh. ar cheann an sconsa lá breagh Earraigh, ná h-abair go bhfuil aon-bhás air! = fear santach ag obair]/ An-fhear go deó é = tá sé thar cionn; is fear toghtha é / An-chapall go deó í siúd aige. Níl tolgán ar bith aice deich gcéad fhichead a iompar /[An-choisidhe go deó é, ach go deimhin má's eadh, ní hé sin do'n dearbhráthair eile é. Sáthach támleisceamhail atá sé / Sin an-chú go deó. Ní bhfuair sí craitheadh ar bith dhá ghirrfhiadh agus glas-mhíol a shíneadh annseo thuas an lá faoi dheireadh / Tá an-chaoi go deó aige ar an áit siúd anois. / Tá an-olc go deó aige do Sh. D'íosfadh sé le gráinn -ín salainn é dhá bhfaghadh sé deis ar bith air / An-tsleaghdóir go deó é. Is mó an mhóin a bhainfeadh sé lá, ná aon-triúr fear in do thír / Bhí an-ghliondar go deó air gur eirigh cho maith leis an mac]/ Tá an-fhuacht go deó ann anocht. Sneachta atá air / Tá an-mheadhchan go deó 'san móin sin. Níl sí stáluighthe ceart in a dheidh sin / Bhí an-aois go deó ag an athair nuair a fuair sé bás / Tá sé an-mhór go deó / Bhí sé an-fhrancuighthe go deó /

Dólás: ainm-fhocal; fireann; geineamhnach uathaidh agus uimhir iolraidh = dóláis
Dólás: doilgheas, croidhe-bhrughadh; duibhthean croidhe, brón, scalladh croidhe /

Páidrín na Seacht nDóláis / A Mhuire na nDólás! / D'fhága sin dólás ar a croidhe / Ní sólás ar bith dhom an méid sin ach tuilleadh dóláis. Tuilleadh dóláis go bhfóiridh Dia orm! / Is beag an dochar dhó dólás féin a bheith air, agus a dtáinic de mhí-fhortún air leis an fhad seo / Tá sé ag déanamh dóláis ó d'imigh a chailín uaidh. Ach tiocfaidh sé as sin! / Chuir sin dólás air muis, má chuala sé gur eirigh rud ar bith do Shasana. Tá sé ag déanamh cnaipí ar fhaitíos go mbuailfí í, agus go n-eireochadh aon-cheo dhá chuid airgid /

Dia: ainm-fhocal fireann; geiniúnach uathaidh: Dé, uimhir iolraidh: déithe déitheannaí.

Dia = (i) an Coimhde, an Dúileamh, Árd-Tiarna Neamh agus Talmhana. (ii) Lá

Dia = (d ʼ īə, ach d ʼ ɛ̄ i laethantaí na seachtaine, Dé Luain, Dé Máirt Dé Céadaoin, Déardaoin, Dé h-Aoine, Dé Sathairn, Dé Domhnaigh.

Teagann Dia isteach cho minic sin igcaint, agus nach goir leath na leagan a shainiú annseo. Níl fút síos ach roint de na somplaí:
A Dhia! (ní abruítear "a Dhé") / A Dhia céard a dhéanfas mé anois? / A Dhia dhílis! / A Dhia na bhFeart! / A Dhia mhóir! / A Dhia mhóir na Glóire! / A Dhia mhaith nach air atá an chaoi! / A Dhia atá thuas, nach hé an feall é! / A Dhia láidir! Céard atá ag tiacht air chor ar bith / A Dhia Láidir! Nach hí an aimsir í! / A Dhia na Glóire nach bocht an chaoi é! / A Dhia na nGrásta! / A Dhia dá bhfónaim (bhfúnaim)! [chuala mé é seo uair amháin ag sean-fhear. Sin é an méid ariamh) / A Dhia na trócaire! / A Dhia mhóir agus a Mhuire! / A Dhia agus a Mháthair Bheannuithe anocht! Nach hé an sladadh é! / A Dhia na nGrást agus a Mháthair Bheannuithe! / A Mhic Dé! / A Mhic Dé bheannuithe anocht! / A Mhic Dé na Trócaire / A Mhic Dé na nGrásta! / A Mhic Dé a crochadh san gcrann! / A Mhic Dé agus a Athair Síorraí! // Dia annseo! = go mbeannuighidh Dia (annseo)! = Dia ann! = Bail ó Dhia oraibh! Bail Dé oraibh! = Bail ó Dhia annseo! = Bail ó Dhia oraibh féin! = Bail Dé agus Mhuire oraibh! = Beannú ar a theacht isteach do dhuine idteach [tá na leagain seo uiliog air. "Bail ó Dhia oraibh" is coitianta measaim, ach tá "Dia ann" "go mbeannuighidh annseo" agus "bail Dé annseo" an-choitianta freisin. Tá teantás thar an gcuid eile i "Bail ó Dhia annseo" nó "Dia annseo"] / Dia dhuit! = go mbeannuighidh Dia dhuit! = 'Dia dhuit fhéin = 'mbeannuighidh Dia dhuit = aighneas a chur ar an mbóthar ar dhuine. Tá teantás ar an gcuid eile i "Dia dhuit féin". An freagra orra seo uiliog "Dia is Muire duit" nó "Dia mór agus Muire dhuit" amantaí / Bail ó Dhia 'rraí (: oraibh) = (Bail ó 'ia 'rraí) = Bail Dé oraibh! = sin é adeireas dhuine ag dhul thar duine a bhíos ag obair, nó le bó, capall, duine, páiste agus rl. Deirtear "Bail ó Dhia ar an obair", nó "Bail Dé ar an obair" scaithtí, ach is annamh é / Dia dhá réiteach! = Dia dílis 'á réiteach! = Dia mór 'á réiteach! = Dia dhá réiteach, agus Dia dhá réiteach aríst eile! = Dia mór na nGrást 'á réiteach! = Dia agus Muire dhá réiteach! = A mhic Dé anocht 'á réiteach

= a Dhia agus a Mhuire Mhór dhá réiteach agus rl. = deirtear é nuair a bhíos brón, pian, múisiam agus rl. ar dhuine, nuair a bhíos éagóir dhá dhéanamh air, nuair nach mbíonn an saol ag féithiú leis nó a leithide. Tá sé an-choitianta i gcaint, agus deirtear le rudaí sách fánach é go minic / Dia dhá réiteach! Na beithigh 'san gcoirce! = níl ann ach leath-fhocal. Is cosúil go raibh na beithigh san gcoirce ar dhuine eicínt an chéad uair, agus go ndearnadh aithris ar sin. Déarfadh ath-chainteoir anois é, nuair adéarfadh duine eile "Dia dhá réiteach" gan aon-údar mór a bheith aige leis // Go bhfoiridh (: wer ʹ ə) Dia orainn = go bhfóiridh Dia orainn = go bhfoiridh Dia dílis orainn = le truaighe do dhuine eicínt a mbíonn lear nó bris nó donacht air adeirtear é / Go bhfoiridh Dia orainn! Nach bocht an scéal é: í ina baintreach anois agus áilín lag aice / Go bhfoiridh Dia dílis ort! / Dia leat! = duine ag rádh amhráin, nó duine ag déanamh gaisce eicínt (imbáire, cloch-neart, caint agus rl.) / Dia go deó leat féin! (fc. deó) / Dia leat = déarfadh duine eile é, le duine a mbainfí truisle as, nó a thuit-feadh, nó a dtiocfadh rud len a anáil, nó a leigfeadh sraoith nó rud mar sin. Deirtear le beithigh nó capaill freisin é, dá mbaintí leagan asta [tá idir-dhealú san mbéim ar an gcaint idir é féin agus "Dia leat" thuas (amhrán agus rl.)] / Dia leat! Tá tú leagtha in do phleibistín / Dia leat! Tabhair aire dhuit féin! / Dia leat! Nach ort atá an t-uathbhás ag ithe / Dia leat! Fainic thú fhéin! / Dia agus Muire linn! = Déarfadh duine é a leigfeadh sraoth nó a dhéanfadh casacht nó a mbainfí truisle as féin / Dia linn agus Muire a Leinbh! = Leagadh an páiste / Dia linn agus Muire! Breagh nach mbreath -naíonn tú romhat! Ach ní thú is measa ach an dream a d'fhága an stól i lár an bhealaigh / Dia linn agus Muire! Deiseall! Cuir aniar é (: bhí cnáimh in a sheasamh in a mhuineál) / Dia linn! Shílfeá go bhfuil an slaghdán do do bhualadh / Dia linn! Tá srófairt ort! / Dia linn agus Muire! Tá an bealach sin an-achrannach / Dia linn agus Muire agus Nell Mhór thar mo cheann agus thar mo chosa! = nó: Dia linn agus thar mo cheann agus thar mo chosa an té is mór leis mé = dá mbaintí leagan asad ceachtar de'n dá rud seo a rá: ainm duine eicínt nach dtaithneochadh leat, nó a bheadh in t'aghaidh a luadh / Dia linn agus Muire agus J. Ph. thar mo cheann agus thar mo

mo chosa / Dia linn agus Muire agus bean T. Mh. thar mo cheann agus thar mo chosa! Ní bheadh sí indiaidh na tuairte sin orm! / Dia linn, a leinbh, agus dhá mbeadh do mháithrín féin agad déarfadh sí Dia linn agus Muire = leas-mháthair a bhí ar ghasúr, agus seo é an rud a dúirt sí nuair a leig an gasúr sraoth / Dia agus Muire linn, má's mar sin atá sé = rud nó duine a bheadh ar dhroch-staid, nó a gcloisfí rud a eirghe dhó nó dhá chuid / Dia agus Muire linn anocht agus ambáireach! Nach bocht an bás a fuair sé / Dia agus Muire linn! Tá 'chuile shórt ceart ach rud de'n tsórt sin: duine a dhul ag déanamh dubh-ní ar fhéin / Dia agus Muire linn! Ní beag dó a dhonacht an duine bocht. An bhfuil aon-bhó eile aige ach í sin anois? / Dia linn agus Muire! Nach ciotach adeirigh sé dhó, sprúanaí a dhéanamh dhá chois mar sin! // M'anam a Dhia agus do Mhuire = le osna agus rl. (feic anam) / Ná raibh Dia leis an asal, mara dteigheann sé isteach an bhearna agus an cairrín agus a raibh ann air, agus mara n-iompaíonn sé ar an gcnocán istigh /[Ná raibh Dia leis an mbó mara soir léithe le fánaidh, agus mise sna seala babhtaí in a diaidh, agus é ag cínnt orm a dhul roímpe! = sórt eascainí é: ná raibh an séan ar an mbó; léanscrios ar an mbó mara … / Ná raibh Dia leis an "lorry" mara ndeachaidh sé dhá bhá, agus chaith muid an trathnóna ag iarraidh a thabhairt as! / Ná raibh Dia leis an bhfear thiar mara dteigheann sé fhéin isteach ann freisin, agus bhí mise in mo chadhan aonraic amuigh annsin / Ná raibh Dia leis anois mara bhfuair sé a dhóthain. Is fada aríst go dteagaidh sé feicfidh tú féin air! = Rinneadh magadh nó fachnaoid faoi / Ná raibh Dia leat anois a Ph. Bh., marar thug mise do shá go bínn duit! / Ná raibh Dia leat anois a asail, mara bhfuair tú go maith é / Ná raibh Dia le mádraí muise mara bhfuair siad faoin mbalcais ar maidin uaimse é. D'oscail mé an doras gur leig mé isteach iad, agus annsin dhúin mé é, agus fuair mé feac láidhe! / Ná raibh Dia le tobac muise, mara bhfuil na daoine ag caitheamh a ndóthain dó! / Ná raibh Dia le bádóirí anois, marar leagadh isteach chuca é! = cumadh go leor do na bádóirí / Ná raibh Dia le táilliúirí, marar buaileadh siar annseo indé iad! / Ná raibh Dia le sleádóirí, marar baineadh allas asta le cupla lá]/

Ná raibh Dia leis anois marar téitheadh an sean-mhása dó // Ná raibh bail ó Dhia ort mar asal le ruathrúch a bheith ort! = eascainí; níl mórán dochair innte ar an gcaoi a n-abruítear í / Ná raibh bail ó Dhia air le am a theacht! /[Ná raibh bail ó Dhia uirre mara beag atá le déanamh aice! / Ná raibh bail ó Dhia ort le caint a chaitheamh / Ná raibh bail ó Dhia air le gliúrach a ól! / Ná raibh bail ó Dhia marab orra atá an macnas! // Tá droch-shúil aige sin! Níor chuir sé "bail ó Dhia" ar aonduine ariamh = duine nach mbeadh sé de ghnás aige "bail ó Dhia" a rá le duine a bheadh roimhe ag obair / Níor chuir sé aon-bhail ó Dhia orm inniu, mara musán atá air faoin ar dúradh aréir leis / Is dona faoin a bhail ó Dhia é! Shílfeá nach bhfuil aon-chíos ar an gcaint muis! / Ní mian léithe bail ó Dhia a chur ar aonduine. Feicim ag caint faoi na gasúir annsin go minic í, agus ní chainteochadh sí ar "bhail ó Dhia" go deó. / 'Sé an rud is lú do 'chuile dhuine bail ó Dhia a chur ort, nó ar an rud a mbeidh sé ag caint air. 'Dar a shon go gcuirfinn bail ó Dhia ar chut ná ar mhadadh. Ní theastóchadh uaim ach é go deimhin! / Chuir mé bail ó Dhia air agus dheamhan toradh ar bith a thug sé orm // Chuirfidh mé Dia isteach rómham ann ar ball = gabhfaidh mé go dtí teach agus beannóidh mé isteach ann / Breagh nachar chuir tú Dia isteach romhat ag teacht duit = breagh nachar dhúirt tú "bail ó Dhia oraibh" ag teacht isteach duit // Go dtáruighidh Dia sinn! = Droch-oíche, tóirneach, droch-scéal; caint ghairsiúil, bréaga dalba nó a leithide / Go dtáruighidh Dia sinn céard atá tú a dhéanamh! / A Dhia dhá thártháil! Agus tá mac aige aige! = scéal neamh-ghnách, scéal nuaidhe agus rl. // Deá-scéal ó Dhia againn = dhá gcloistí deá-scéal ar bith]/ "Deá-scéal ó Dhia againn agus gan é a bheith fliuch agus cuid an lae amáireach go ndéanaidh sé inniu" = leath-fhocal / M'anam ag Dia marar bhuail sé isteach ar an mbéal mé = tá mé ag rá na fírinne / M'anam ag Dia mara bhfuil lagar orm leis an ocras / M'anam ag Dia mara bhfuil sé in a bháistigh aríst // Beannacht Dé dhuit! Agus leig dom = le achuiní nó iongantas /[Beannacht Dé dhuit agus eirigh as = as ucht Dé dhuit agus eirigh as / Beannacht Dé dhuit agus bíodh ciall agad = as ucht Dé ort (dhuit) agus bíodh ciall agad / Beannacht Dé dhuit! Nach simplí a shíleas tú é a bheith!]/ Beannacht Dé

dhuit! Níl pínn (: pinginn) ruadh aige, ní áirighim céad punt // As ucht Dé dhuit agus fan as / As ucht Dé ort agus fan as = iarraim go dúracht -ach ort fanacht as /[As ucht Dé ort ar bhuail? Má bhuail muis beidh dlí ann / As ucht Dé ort! Níl tú dhá rá liom. Is dona a chreidim é]// Torm (: tabhair dhom) déirce in onóir Dé agus Mhuire / In onóir Dé agus Mhuire leig amach mé, agus ná fuiligh orm / In onóir Dé agus Mhuire na h-eitigh mé faoi lóistín an oíche bheannaithe atá ann! // Go dtugaidh Dia ciall duit! Ní iarrfadh sé í dhá mbeadh Eire taobh léithe = bíodh unsa céille agad, agus ná creid é sin // Go dtugaidh Dia biseach dó! / Biseach agus buadh ó Dhia aca! / Go dtugaidh Dia fóirínt daoib! / Go dtugaidh Dia deá-scéal daoib! / Go dtug-aidh Dia abhaile slán sib! / Go dtugaidh Dia luach do shaothair duit! / Go dtugaidh Dia rud ar a shon duit! / Go dtugaidh Dia saol agus sláin -te duit! / Go dtugaidh Dia fad saoil duit! / Go dtugaidh Dia saol fada le só dhuit (saol fada le séan) / Go dtugaidh Dia Nodlaic mhaith dhaoib / Go dtugaidh Dia Nodlaic mhaith daoibh agus athbhliain shonaí! / Go dtugaidh Dia bean mhór mhaith dhuit! / Go dtugaidh Dia a luach dhó! = duine a dhéanfadh deá-rud, grá diadha nó a leithide // Go méadaighidh Dia feoil bheo agus daoine slána agaibh! = biadh a altú i dteach strainséara = go méaduighidh Dia 'chuile shórt ar fheabhas agaibh = go méadaighidh Dia cac bó agus lochán agaibh! = go méadaighidh Dia fataí (im, feoil etc.) agaibh! / Go meadaighidh Dia do stór = le airgead nó rud a gheobhfá ó dhuine / Go mbuannaighidh Dia airgead duit (coirce, fataí agus rl.) / Go mbuannaighidh Dia thú = beannacht / Go mbuannaighidh Dia thú fhéin agus do chuid agus do dhaoine! / Nar bhuann -aighidh Dia é! // Go gcoinnighidh Dia mar sin thú! = le duine adéarfadh go raibh sé go maith, nó nach raibh sé ag ól, nó nach raibh aon-tóir ar dhamhsaí aige agus rl. / Go gcoinnighidh Dia uainn é = le aicíd, tinneas, cogadh agus rl. / Ní ag tabhairt gubha uirre é (: an treoch). Go gcoinnighidh Dia uainn í! / Go gcoinnighidh Dia as cionn do pháistí thú a bhean bhocht! = le máthair cloinne // 'Gcuiridh Dia an rath ort a dhearbhráthairín agus gearr an géagán de chluais an asail! / 'Gcuiridh Dia an rath ort, agus tabhair cúnamh dhom leis seo! /[Nár chuiridh Dia an rath ort mar asal le caoi a bheith ort!]/ Nar chuiridh Dia an rath ar a straois mhór le rud a

a rá! / Nar chuiridh Dia an rath air agad, agus caith uait é! / 'Gcuiridh Dia an t-ádh ort, an ndearna? = iongantas / 'Gcuiridh Dia an t-ádh ort! Má bhí siad sin ag troid muis, aindeoin cho mór agus a bhí siad le chéile, tá cor le theacht ar an saol! / Go gcuiridh Dia an t-ádh ort agus leig dom fhéineacht! / Nar chuiridh Dia an t-ádh air mara gann a chuaidh an baile air, len a chuid beitheach a chur isteach annsin! / Nar chuiridh Dia an t-ádh uirre, mara beag a bhí le déanamh aice! / Go gcuiridh Dia sliocht ort (nar chuiridh Dia sliocht ort) / Go gcuiridh Dia ar mo leas mé, níl a fhios agam céard is fhearr dom a dhéanamh! = nuair a bheadh duine idir dhá chomhairle faoi rud a dhéanamh / Go gcuiridh Dia ar do leas thú a mhic ó! // Nár fheicidh Dia an fhad sin de luighe bliana ort = buíochas ar shon oibre a dhéanfaí dhuit / Nar fheicidh Dia an t-ádh air! / Nár fheicidh Dia in A chathair thú! ["an dá asbal déag atá i gcathair Mhic Dé na nGrást" — as paidir bheannuithe / Nar fheicidh Dia easbaidh ort choíchin! = nuair a dhéanfá gar airgid nó earradha ar dhuine eile = nar fheicidh Dia falamh go h-éag thú! / Nar fheicidh Dia tínn thú = ná raibh tú tínn! = le duine a bheadh go maith in a amhránach, nó in a dhaimhseoir agus rl. / Go ndéanaidh Dia trócaire air (grásta, maith, luaíocht ar a anam, agus rl.)! = duine a bheadh básuithe / Go ndéanaidh Dia na Grásta air! // Go leigidh Dia slán na daoine! = le cúnamh a gheobhfaí; ag caint ar mhuiríní agus rl. / Is deacair di beatha a choinneál uiliog leo go leigidh Dia slán na ndaoine / Ba ghearr a bhí an "lorry" dhá líonadh go leigidh Dia slán na daoine! / Go leigidh Dia slán an cúnamh, is gearr a bhí an coca féir dhá dhéanamh! / Go leigidh Dia slán thú! = go leigidh Dia do shláinte dhuit! = buíochas as ucht saothair nó gar a dhéanfadh duine dhuit / Go leigidh Dia slán a mháithreach agus bean a roínte = go leigidh Dia slán a mháithreach agus an cinnire = buíochas as ucht deoch bhainne // Go gcúitighidh Dia leat é = buíochas as ucht rud a dhéanfaí dhuit // Go saoluighidh Dia thú a stór = buíochas as ucht rud a dhéanamh duit / Go bhfágaidh Dia an tsláinte agad = le fear adéarfadh amhrán, a dhéanfadh dreas damhsa, a dhéanfadh obair duit agus rl. // Go dtugaidh Dia slán ó'n mbliain muid! = déarfaí é ag ól nó ag ithe oíche nó lá chinn Féile / Go dtugaidh Dia slán abhaile thú! / Go dtugaidh Dia slán ó anach-

ain an tsaoil é, céad slán dó = fear a bheadh imithe ibhfad ó bhaile / Ná déan é sin Dia idir sinn agus an anachain (: Dia idir sinn agus an t-olc!) // Tús na breithe ag mac Dé! = ní ceart do dhuine breith a thabhairt ar dhuine eile idtaobh a shaoil. Fágtar é sin faoi Dhia / Cabhair ó Dhia againn! = nuair a bheadh duine in anchaoi nó tuirseach nó i bpian. Deirtear go minic é gan mórán údair ar bith / Déan-faidh mé amáireach é le cúnamh Dé (le cuidiú Dé, in aice cúnta Dé agus rl.) / Is goire cabhair Dé ná an doras / Is granna í, ní ag fáil locht ar ghnatha Dé é / Ní mar is toil linne ach mar is toil le Dia / D'fhreagair Dia air é = d'ágraigh Dia air / Nár ba lúidire an trócaire ar Dhia! Fuair sé bás gan ola gan aithrí / Déanfaidh Dia rud maith leis ó a bhí sé féin grá diaúil / Is dona an lá é, ní ag ceasacht ar Dhia é / Fuair muid a' (: ar) sáith fhéin de'n anachain ní ag ceasacht ar Dhia é / Go lagaidh Dia an tsail aice! = eascainí / Mo chuid agus mo chostas ar Dhia na ngrást! (fc. costas) / Tá mo chuid ar Dhia anois = duine nach mbeadh tada aige // Céard a rinne mé ar mo Dhia chor ar bith, nach bhfuil mé ag fáil dath an mháimh = duine ag imirt chártaí / Céard a rinne mé ar mo Dhia chor ar bith le go bhfuil an imirt ag dul in mo m'aghaidh mar tá / Dheamhan a shúil a bhí agam le chúig geábh. Céard a rinne mé ar mo Dhia chor ar bith // Is mór an tslí 'un Dé é = rud maith; rud a d'fhearfadh ar na daoine, nó a thiocfadh go mór 'un sochair dóibh / Tá deireadh leis an bpoitín, agus má tá fhéin is mór an tslí 'un Dé é / Ní bhíonn cead damhsa ar bith anois san áit sin, agus mara bhfuil féin is mór an tslí 'un Dé é / Is mór an tslí 'un Dé é go dtáinic an bháisteach sin. Bhí 'chuile shórt spalptha / Is mór an tslí 'un Dé an cogadh a bheith thart. B'fhéidir go bhfairsingíodh rud eicínt anois /[Is mór an tslí 'un Dé séipéal nua a bheith againn duinn fhéin annseo, agus gan orainn a dhul trí mhíle isteach go R. / Is mór an tslí 'un Dé an ceann céanna a bheith glanta amach as an tír ar fad. Ba bheag a thug a mbeannacht dó, ná a raibh sé aca le tabhairt dó / Ba mhór an tslí 'un Dé é, dhá mbeadh obair eicínt san tír thar agus a bheith anonn agus anall go Sasana]// Aingeal Dé in aghaidh do ghotha, agus poll do shróine in aghaidh an tsrotha

= rud adeirtear le duine a ghníos eascainí ort // Tá Dia agus Muire in a cheann, agus sin é a dhóthain = duine a bhí leis fhéin / Beidh Dia agus Muire in do cheann a laoigh, agus sin é a dtastaíonn uait / Go raibh Dia agus Muire in do cheann! / Má bhí sí léithe féin, bhí Dia agus Muire in a ceann, agus ba shin iad an chuideachta ab fhearr di // Tá Dia láidir! Ná h-abair é sin = nuair a déarfadh duine rud mí-dhóchasach / B'fhéidir go dtiocfadh biseach fós di. Tá Dia láidir! / Dheamhan bás fós air, agus ná h-abraíodh aonduine go bhfuil. Tá Dia láidir agus Máthair mhaith Aige / Ná teagadh droch-mhisneach ort! Tá Dia láidir agus Máthair Mhaith Aige / Dheamhan agus móide bás ná bascadh a d'eirigh dhó. Tá Dia láidir agus Máthair Mhaith Aige / Ní bheidh na daoine bocht mar seo i gcomhnaí. Tá Dia láidir agus is iomdha maith a d'fhéadfadh Sé a dhéanamh ar na daoine / Tá Dia láidir ach caillltear beithigh = níl aon-mhaith do dhuine a bheith ro-dhóchasach faoi'n anachain / Tá an scéal sin ceart go leor. Tá Dia láidir ach caillltear beithigh in a dheidh sin / Ní h-eadh, ach fágaim annsin í, agus tiocfaidh sí chuice féin uaithe fhéin! Dar fiadh muis, is gradha an scéal é sin! Tá Dia láidir ach caillltear beithigh, mar dteighidh duine rompa / Is breagh an scéal atá agad: tá Dia láidir. 'Sé atá, moladh go deo Leis. Ach ní shin é in a dheidh sin é. Caillltear beithigh a mhaisce má tá fhéin // Is maith le Dia cúnamh = d'ordaigh cinnire cúnamh / Deir tú go mbeidh fataí ionta má's toil le Dia é, ach ar chuala tú ariamh é, is maith le Dia cúnamh. Bhí agad a dhul agus an "spray" a chur orra / Bhí aige a dhul ag an Aifreann ar chaoi ar bith. Is maith le Dia cúnamh / Níl ag an sean-dream sin uiliog ach ag caint ar thoil Dé, agus ag rá go n-eireóidh rud más toil le Dia é. Dheamhan dochtúr na mbeitheach a thiúrfaidís sin ag aon-bhó go deó. Ach d'ordaigh Dia féin cúnamh (fc. cinnire) // Tá Dia go maith faoi thrócaire ach ní fhaightear bróga gan airgead = níl aon-mhaith do dhuine a dhul ag iarraidh bróg ar son Dé, mara mbeidh a luach aige // Torm (tabhair dhom) luach pionta agus ní fheicfidh Dia falamh choíchin thú! / Ní fhéadfadh an t-ádh a bheith air agus ní bheidh sí air cho uain agus a bhéas Dia thuas / Má rinne sé an éagóir tá Dia thuas i gcomhnaí // Bhí Dia buíoch dhó. Ba bheag

an ollóid é do dhuine ná de bheitheach 'ndéanaidh Dia grásta air! // Dia a thug agus Dia a bhéarfas = (sean-fhocal: "The Lord Gave and the Lord taketh away) // Tá a fhios ag Dia nach ndearna mé é (ag Mac Dé, ag Dia dílis, ag Dia mór agus rl.) / Tá a fhios ag Dia nach bhfaca mé chor ar bith é // Is aoibhinn Dia dhuit = is miniar duit / Mara bhfuil ag Dia maróidh sé é féin = maróidh sé féin ach Grásta Dé / Tá a fhios ag Mac Dé bheannuithe a mhac gur dhúirt sé sin / Ag Dia atá na grásta, agus go gcoinnighidh sé muid ar fad ar dheá-staid / Ar éigin Dé a rinne mé chor ar bith é = ar ín ar éigin / Ní dhéanfaidh tú é nó go ndéanaidh Dia Diarmuid díot (dearmad ort). (fc. Diarmaid) / Dar Dia! / Dar Láimh Dé! / Ar son Dé agus eirigh dhíom / Ar son Dé, an raibh sé agaibh! / Ar son Dé ort agus éist liom! / D'iarr sé gail thobac orm ar son Dé / Ní h-ionann bodach agus Dia (fc. bodach) / Thug Dia Chuige Féin é = fuair sé bás / Fágfamaid faoi Dhia é, sé a bhfuil le déanamh leis é / Leig dom fhéineacht má tá do leas (t'ádh) ar Dhia (fc. leas) / Tá t'ádh ar Dia nó bainfidh sí siúd saghdar asad! / Chidh Dia (Muire) gur daor a cheannaigh mé í dhá deasú aríst = briseadh mo chois agus d'fhulainn mé léithe dhá deasú / Chidh Dia sin muis gurb shin í an obair eile a dhéanfas sé sin / Chidh Dia go bhfaca mé dhá bhualadh é // Ba é cóir Dé é leath-chóir Dé agus rl. fc. cóir) // Tháinic sé mara bheadh Dia dhá rá leis (fc. deir) / Gheobhaidh sé saol cho fada len a athair, agus go dtugaidh Dia go bhfagha / Dhá fheabhas tí Dé (ach é? Aedh? adeirtear go minic) is fhearr tí dhuine fhéin // Tá sé marbh ó Dia agus ón saol = tá sé marbh ceart; tá sé marbh i gcúrsaí nádúir / Tá dasachaí imithe ó Dhia agus ó'n saol anois. Nach bhfuil sé in a lá Fheil Muire / Tá siad marbh ó Dhia agus ón saol inniu (: éanachaí lá sneachta) / Tá mé craiplithe ó Dhia agus ó'n saol anois agus tá sé in am sin agam arsa tusa // Is maith é Dia go lá agus ní feárr ná go bráth (sean-fhocal) // Níl ann ach gur chaith Dia an t-anam ann = duine an-tsocair, nó duine beag éidtreoireach socair / Is iomdha duine ag Dia = daoine beaga móra, ruadha, bán, olc, lách, saofa, céillí, iascairí, scuabadóirí fir mhéaracáin agus eile / Ba duine le Dia é = duine simplí neamh-

ghusúil; duine a bheadh cho simplí agus go mbeadh sé ina amadán; duine nach mbeadh a dhóthain céille aige, nach mbeadh aon-mhéid ann, a mbeadh éalann air, a bheadh balbh agus rl. / Muise B. bhocht, tá sí an-réchúiseach. Níl ann ach gur chaith Dia an t-anam innte ar éigin / Is dona a bhí sí beo ariamh an bhean bhocht. Chaith Dia an t-anam innte sin é an méid / Muise an frídeóirín dona, céard atá sé indon a dhéanamh, agus nach bhfuil ann ach gur chaith Dia an t-anam ann / Go deimhin féin is furasta giorrú leis siúd. An buille is fánaí ar bith chuirfeadh sé ag tabhairt na gcor é. 'Sé a bhfuil ann go bhfuil an t-anam caithte ann / Bheadh faitíos orm láimh ná cois a leagan air agus gan a fhios agam nach séalú idir mo dhá láimh a dhéanfadh sé. Tá an t-anam caite ann mar atá sé. Is beag leis é ar chaoi ar bith / Ní bhíonn ucht ná acht ná éagaoine aige. Dhá mbeadh sé seacht lá na seachtaine abuil tú, ní chloisfeá focal uaidh. Níl ann ach go bhfuil an t-anam caite ann / Go deimhin is duine le Dia é mo dhuine bocht; 'seadh sin. Níl leath a dhóthain guis ann / Shílfeá nach dtiúrfadh sé áird ar dhaoine ar an gcaoi sin, mara bhfuil seafóid air. Duine le Dia é mo dhuine bocht / Nach simplí an duine é! Sílim gur duine le Dia é /[Duine le Dia ceart é siúd. Dheamhan spré ceille aige ach an oiread leis an naoineán / Níor tháinic ionga ná orlach air ó a bhí sé deich mbliana d'aois. Duine le Dia é, 'seadh sin / Tá sí caoch agus balbh an créatúr. Duine le Dia í. Tá Dia buíoch di / Tá sé bac-lámhach ó bhruínn. Agus dheamhan a bhfuil thairis sin de theantás aige ar na cosa ach oiread. Go deimhin is duine le Dia é, go bhfoiridh Dia orainn! / Is mór an náire dhóib a bheith ag saghdadh faoin díriúch (: díthreabhach) bocht sin — duine le Dia mar é. Dar leat féin ba chóir dóibh dóigh-mhagaidh eicínt thairis a fháil / Duine le Dia é mo Mh. bocht. Dhá gcloistheá ag caint le sagart strainséara annsin thoir anuiridh é! Shíl an sagart go mba duine é a raibh an-bhreithiúnas ann i gcaitheamh i bhfad, ach bhrath sé 'san deireadh é in a dheidh sin]/ An bhfeic-eann tú iad seo thíos? Ba chruadh an oíche í an oíche arú aréir le sioc, agus chodail siad annsin gan falach fútha na tharta ach an cábáin -ín sin. Is iomdha duine ag Dia in a dheidh sin / 'Sé'n cheird a bhí air píosaí beaga pháipéir aige agus é ag déanamh pabhsaes asta. Is iomdha duine ag Dia chreidim / An bhfaca tú an chuaisce dhubh a bhí san

"show" annsin thoir an bhliain cheana? Í siúd a mbíodh an roth cairr in a drad aice. Bhí sí cho dubh leis an sméir. Is iomdha duine ag Dia ina dheidh sin / [Ní iarrfadh sé choíchin ach ag rámhóireacht thart mar sin go bhfeiceadh sé céard a bhéas 'chuile dhuine eile a dhéanamh, agus gan é ag déanamh a dhath ariamh dhó fhéin. Is iomdha duine ag Dia adeir siad, agus ní móide gur fearr beirthe é. Dhá mbeadh 'chuile dhuine in a Mh. T. Ch. ba chaillte an saol a bheadh ann freisin / 'Bhfeiceann tú anois é sin dhá mharú fhéin ag tochailt idir leacrachaí annsin ag iarraidh fataí agus arúr a shaothrú, agus mo chreach mhaidne na fataí agus an t-arúr a bhéas annsin. Tá faochain agus gliomaigh agus muiríní go barr-bachall len ais annsin amuigh, agus is mó a bheadh aige de bharr seachtaine leo, ná dhá gcaitheadh sé dhá lá a shaoil ag mianadóireacht sna clocha sin, ach is fhearr leis ag scríobadh leis an ngántann in a dheidh sin. Chreidim gur h-iomdha duine ag Dia, agus nach h-ionann tréartha do 'chuile dhuine mar deir siad / Níor chuir sí aighneas ná caidéis ar aonduine ó a tháinig sí isteach ar an mbaile, ach mar a fheiceas tú anois í, dorcha dúnárasach mar sin. Dhá dteagadh sí gearr faoi rud ar bith, b'fhearr léithe a dhul trí mhíle ó bhaile ná a iarraidh ar na comharsanaí. Sin é an chaoi a mbíonn sé. Is iomdha duine ag Dia]// Leagann Dia láimh ar A dhuine Féin = fágann sé ainimh nó easbaidh ar an té a bhfuil A ghnaoi air; ídíonn sé A dhíoltas ar an té is mó Aige / Dhá dtugadh Dia dhó triomú anois, ba mhór ab fhiú do na daoine é = dhá n-eiríodh leis triomú / Seán a theacht anois, adeir tú. Dhá dtugadh Dia dhó (: faraor nach dteagann sé) / Dhá dtugadh Dia dhó go bhfuigheadh sé an úachta sin, ba mhór ab fhiú do'n duine bhocht é / Thug Dia dhom go raibh mé imithe roimh an mbáistigh = d'eirigh Dia liom go raibh mé imithe roimpe / D'eirigh Dia liom gurb iad mo chosa a tháinic ar an talamh i dtosach = thug Dia dhom agus rl. / D'eirigh Dia leis go raibh sé imithe rómhamsa, nó bheadh scéal aige air = bhí sé d'ádh air / Dhá n-eiríodh Dia liom a fháil, bheadh liom / Shín (chinn) Dia leis go ndeachaidh sé ann / Ní mara a chéile bodach agus Dia. (fc. bodach) // D'orduigh Dia an anachain a sheachaint / Ní ar Dhia ná ar Mhuire a bhí sé ag cuimhniú agus a dhul ag déanamh a mhacsamhail de rud / Bóín Dé, sine Dé, teine Diadha, teine Dé (Aodh?). fc. bó, teine, sine /

Tá sé sin in a dhia beag aca soir annsin = duine a mbeadh an-mheas air, agus an-ghéilleadh dhá chuid cainte / 'Sé M. an dia beag atá aca uiliog go léireach annsin. Níl ann ag fear aca, ach "dúirt M. é." "Dúirt M. é." Diabhal aithne orra nach h-í targaireacht Cholm Cille 'chuile smid dhá gcaithfidh M. as a bhéal / Ba é Debhelera an dia beag a bhí aige nó gur baineadh an "dole" dhe, ach mhaithfeá do Dhia gan a bheith ag éisteacht leis ó shoin ag ithe agus ag gearradh air. Is beag atá indon cuid de na daoine a ionntú / Níl agad dia beag a dhéanamh d'aonduine nó go mbeidh a fhios agad 'chuile chor dhá mbaineann leis i dtosach. Chuala tú ariamh é gan do bhreith a thabhairt ar an gcéad scéal. Agus deir siad nach mbeidh aithne agad ar aonduine nó go n-ithidh tú céad salainn leis /[An chéad-uair a ndeachaidh mise anonn, bhí an cogadh in a neart an uair sin, agus ní raibh aon-dia beag aca ach Churchill. Bhuailfidís treasna an smuit thú dhá bhfuightheá locht ar bith air. Ach an "turn" deireadh, diabhal mé go sílfeá go raibh a dtromlach in a aghaidh marab é an "election" a rinne é / Mhaithfeá do Dhia gan é a fheiceál agus an deis a bhí air = chuirfeadh sé carghas ort a fheiceál. Bhí sé millte /

Laethantaí na seachtaine: Tá tuiseal geiniúnach in áiteachaí (: Camas, Rosmuc, Iorras Aithneach) ar chuid aca seo .i. trathnóna Dé Máirte, maidin Dé Céadaoine, páipéar Dérdaoine, oíche Shathairne. Is an gceantar céanna deirtear Cnoc Chille Ciaráin agus chuala mé uair amháin Cnoc Chille Ciaráine. Chuala mé i gCois Fhairrge fear na muiríne móire / Fuirmeachaí d'uireasbhaidh an Dé atá leis an alt .i. an Luan, an Mháirt, an Chéadaoin, an Diar-daoin, an Aoine, an Satharn, an Domhnach. Geiniúnach orra: maidin Luain (maidin an Luain sin), oíche Mháirt (oíche Mháirte), maidin Sathairn (maidin Shathairne); Uimhir Iolraidh: Luain, Máirteanna, Céadaoineachaí, Dérdaoineachaí (Dérdaoineannaí), Aoiníochaí, Satharnachaí, Domhnaigh (fc. Domhnach) / Seo cuid de na laetheantaí áiride ar feadh na bliana: Luan (: ʟūn Conamara, ʟūən Achréidh) Cásca (= an lá tar éis Domhnach Cásca); Luan Cincíse (an lá taréis Domhnach Cincíse; bíonn breac-shaoire ar an dá Luan sin nó bhíodh go dtí goirid ó shoin); Luan Lúnasa (an chéad Luan de Lúnasa. Bíonn saoire

phuiblí air); Máirt Inide (: an lá roimh Chéadaoin na Luaithre — an chéad lá de'n Charghas); Céadaoin na Luaithre; Céadaoin na Bratha (: an Chéadaoin roimh Aoine an Céasta. Bíonn an focal buineann i gcomhnaí. An brath (= breith), breithiúnas atá i gceist ann i leabaidh brath (= spiadóir -eacht)? Breathnais na h-aimsire seo brawd = breithiúnas); Diar-daoin na Bratha nó Déardaoin Chean-lá (an lá i ndiaidh Chéadaoin na Bratha); Déardaoin Deasgabhála, Déardaoin Chorp Críost (: dhá lá saoire san Samhradh); Déardaoin Dearg (: lá na leanbh nó lá chrosta na bliana nuair is cothrom le Déardaoin a bhíos sé. Deirtear gur Déardaoin a bhí ann an lá a ndeárna Herod ár na Leanbh); Aoine an Chéasta; Satharn mór na Nodlag (: an Satharn roimh lá Nodlag // Ní dhéanann sé aon-bhuille ó Luan go Satharn = ar feadh na seachtaine / Níl aon-cheo ag cur imní air ó Luan go Satharn ach ag guairdeall ar na coirnéil sin / Dheamhan smeach a ghníos sé ó Luan go Satharn ach mar a fheiceas tú é / Níl ag dul síos leis ó Luan go Satharn ach an cheird sin / Obair! Dheamhan buille a ghníos T. ó mhaidin go faoithin ná ó Luan go Satharn, ach istigh san gclúid ag léigheamh nuaíochtaí / Níor choinnigh sé ach ó Luan go Satharn é go dtug sé bóthar dhó aríst (: seachtain) / 'Bhfeiceann tú í sin thuas nach leigfeadh aon-luaith amach Dé Luain. Deir sí nach bhfuil sé sonaí. Sin í an chailleach a bhfuil na pirseógaí aice / Tá tú réidh leis anois go Luan an Bhrátha = lá Philipe an Chleite = lá an Luain / Dheamhan a chos sin a fhillfeas go Luan an Bhrátha. Tá baol air. Ó dhealaigh sé uatha aon-uair amháin, ní thaobhóidh sé aríst iad / Dheamhan amharc a gheobhas tú ar do shluasaid aríst go Luan an Bhrátha. Ná bac le rud ar bith a bhfuighidh siad sin greim air. Caith sneachta ar a lorg / Go Luan an Bhrátha aríst ní chuirfidh mise mo chois ná mo chnáimh isteach in a dteach. Tá mo chomhair-leachan faighte agam anois / Tá mise réidh leis an ngrifisc sin aríst go lá an Luain, agus a údar agam faraor / Má fhaghann na tinc-éaraí sin leigean ar t'asal, go lá an Luain aríst, ní bhfuighidh tú aon-dé air. Do chumhachta cínn ní aithneóidh é // Lomadh Luain agus deilbh Chéadaoin agus marú salach Sathairn = tá geis ar na ceann-oibreach-aí sin na laethantaí sin / Sin é an marú salach Sathairn! Ní thaith -níodh sé le sean-Bh. chor ar bith go ndéanaidh Dia grásta uirre!

/ Má's pirseóg ná pirseóg anois é, is gránna é an marú Sathairn.
Marú salach Sathairn! Chuala muid caint 'chuile lá ariamh air! /
"Lomadh Luain agus Deilbh Chéadaoin: ní raibh ariamh gan osna nó éagaoin" /
Mo lomadh Luain ort! / Lomadh Luain ort le cleas a dhéanamh! /
Lomadh Luain air le am a theacht, i lár a (: ar) gcruadhóige! /
Mo lomadh Luain agus mo sheacht ndóláis, nachar fhan mé mar a bhí
mé agus gan an tabhairt seo a chur orm féin, 'scáth a bhfuil ar
a shon agam / Lomadh Luain agus marbhfáisc ar an asal sin,
mara bhfuil lasctha aríst dó. Caithfear a dhul ar a thóir anois muis,
faitíos na fálach thuas / Lomadh Luain ar an bpiodarlánn sin nach
dteagann isteach agus gan é fhéin a chailleadh ag déanamh spraoi
amach annsin. Meastú an bhfuil spíonán ag gabhail linn nach
bhfuil bainte aige aríst! // Luan soir agus Máirt siar, agus tá an
Déardaoin sonaí soir nó siar = duine a bheadh dhá pósadh, ní
ceart di a dhul soir ach Dé Luain agus rl. / Amáireach a bhéas brat ag
dul uirre! Deir siad go bhfuil an Déardaoin sonaí soir nó siar /
Pósadh inné iad. Huga leat anois! Leanann siad na sean-ghnás-
annaí i gcomhnaí. Luan soir, adeiridís // Bíonn an Aoine in aghaidh
na seachtaine = ní mar a chéile a bhíos an Aoine agus 'chuile lá eile de'n
tseachtain. Má bhíonn na tseachtain go breagh (fliuch, gaofar,
ádhúil, gan aon-bhualadh a bheith ar iasc agus rl.) beidh an Aoine fliuch
(ciúin, míádhúil agus rl.) / Tá sé fliuch inniu. An Aoine in aghaidh na
seachtaine i gcomhnaí / 'Ar ndú' sí an Aoine í, agus caithfidh sí a bheith
in aghaidh na seachtaine. Lá idir dhá shíon é déarfainn. Feicfidh tú
an lá amáireach in a dhórtadh aríst, nó tá mise ag dul amú go
mór / Tárlóidh muid isteach é (: arúr) amáireach. Beidh an lá
cóiriúil aige. Is iondúil don Aoine a bheith in aghaidh na seacht-
aine / B'fhurasta aithinte go mbeadh an lá inniu ar fónamh. Is
deacair an tsean-chaint a shárú: an Aoine in aghaidh na
seachtaine, adeir siad / Ná fág an féar ar mhí-scríb amáir-
each arae beidh an lá go breágh, faoi go raibh an tseachtain
fliuch. Bíonn an Aoine igcomhnaí in aghaidh na seachtaine /
M'anam go bhfuil an Aoine in aghaidh na seachtaine agadsa
ar chaoi ar bith. Tá tú ag dul siar anois le do leath-ghine
buí a tharraint. = sean-phinséara ag dul i gcoinne an

an phinsean / Hébrí céard a dhéanfas tada, bhí an Aoine in aghaidh na seachtaine agamsa, dar fiadh. Níor ól mé an oiread i gcaitheamh an tsaoil ariamh agus a d'ól mé inné / Ba chóir dhuinn a dhul ar meath inniu. Mara raibh aon-mharú orra (: iasc) i gcaitheamh na seachtaine, beidh an lá inniu thar cíonn. Bíonn an Aoine in aghaidh na seachtaine // Tús Aoine nó deireadh Sathairn = má theagann tús na h-Aoine fliuch, níl indán aitealla dhó go faoithin. Tá sé mar sin le deireadh an tSathairn / Lá san gclaidhe é anois. Níor thriomaigh sé ariamh dhá dtosaíodh tús Aoine / Eirigh as anois agus teara abhaile. Ní bhfuighidh tú fábhall aríst inniu. Tús Aoine nó deireadh Sathairn a mhic ó / Má fheiceann tú deireadh Sathairn ag teacht anuas, tá tú réidh le triomach a fháil an lá sin / Níor thaitnigh liom tús Aoine a fheiceál ariamh ag teacht in a bháistigh. Ní thugann sé aon-aitealla uaidh níos mó / Sin é baislín broghach an tSathairn = is iondúil an níochán a ghnítear Dé Sathairn go mbíonn fuíoll an fhoruithe air, mar gur le h-aghaidh an Domhnaigh a bhíos chugad é / Baislín broghach an tSathairn atá mise a dhéanamh. Dheamhan falach léine a bhí agam a chuirfinn le mo chraiceann amáir-each // Teagann sé 'chuile Satharn / Bíonn sí ag an margadh 'chuile Chéadaoin / Nuair a thugas sí cuairt annseo fanann sí ó Luan go Luan igcomhnaí. Ar thug tú faoi deara é? / Céadaoin a bhí ann, agus chuaigh mé G. fea'int a bhfeicfinn é / Tuitfidh lá Nodlag ar an Luan imbliana agus Déardaoin Dearg a bhéas i lá na Leanbh / Bainfidh tú go Luan as (: tobac) / Bainfidh tú amach go Satharn anois (: ar do chuairt). Ní fiú dhuit imeacht go dtí sin / Cuirfidh an gráinne plúir seo thar an Domhnach muid ach sé a bhfuil ann é / Dhá mbeadh an Chéadaoin tharm, ní bheadh daorbhasctha dhíom / Thug sé an Luan dom leis an bhféar = ag obair a chúnamh dhom / Fan go Máirt / Leig sé an Aoine air féin gan a dhul siar in a choinne, agus ná raibh ann mara raibh sí díolta ag an bhfear thiar roimhe / Tháinig an Luan ach níor tháinic Seán, ná an Luan a bhí chugad, ná an Luan in a dhiaidh sin aríst ná aon-Luan ó shoin. Ach níorbh é ba mheasa ach mise fhéin a

ghéill dó / D'imigh an Chéadaoin agus dheamhan amharc a bhí air / Tháinig an Satharn agus d'imigh sé, ach dheamhan cos Ph. a tháinig / Fuair sé an Chéadaoin (Dé Céadaoin) in a shaoire / Bheidh an ceann deireannach den tSatharn in mo chomhnaí agam / Thug sé an Mháirt leis, ach b'fhurasta aithinte air go raibh sé deireannach. Bhásaigh sé trathnóna Dé Céadaoin. / Ní thiúrfaidh sí an Satharn léithe go deó = ní mhairfidh sí go Satharn / Ó chaith sé an Luan, bheadh meas maith agam air. Shíl mé go raibh sé ag saothrú báis chuile mhionn -óid an lá sin / Sheas sé an Mháirt agus deirimse leatsa gur corr-dhuine a sheas an lá sin = sheas sé ag obair / Dhá gcuireadh sé an Chéadaoin tharm ghabhfainn 'na bhaile mhóir an lá in a dhiaidh sin / Bhí sé annseo Dé Máirt seo caithte (Dé Máirt seo (gha)bh thart, Dé Máirt seo (gha)bh tharainn, an Mháirt seo caithte) / Tiocfaidh sé Diardaoin seo chugainn (Diardaoin beag seo) / Bliain atá sé curtha cothrom na h-Aoine seo chugainn / Bhí sé annseo an Chéadaoin a bhí chugad (: an Chéadaoin dhár gcíonn; an Chéadaoin in a dhiaidh sin) / D'fhan sí go dtí an Mháirt a bhí chugad / Ní fhaca mí ó'n Diardaoin roimhe sin é / Má bhíonn an Mháirt in araíocht gabhfaidh muid 'un fairrige /

Deireoil (: d ʼ ir ʼ ōl ʼ) = aidiacht: breis agus sárchéim: deireola. (fc. dreólan).
Deireoil: suarach, éidtreórach, lag, caillte, claoite [focal Achréidh]

Duinín deireoil é. I ndar leat féin nach mbeith (mbeadh) sé i bhfad beo má bhfuigheann (: fhaghann) sé mórán eile brádannaí de'n tsórt sin / Duine dona deireoil a fuair sí. Níl éitir ar bith ionn. Ghiorróchadh lá seirsighe (seisrí) amháin leis / Bhí sé an-deireoil i gcaitheamh an gheimhridh ach Diabhal mé gur chraith sé suas ó thainig an t-Earrach agus an lá breagh, agus go dteigheann sé amach aríst corr-uair / Gamhainín deireoil go leor ghabhfadh sé h-ocht nó naoi de phunta inniu. Bhí siad thrí lasadh, agus b'annamh leofa / Tá sé ag coinneál deireoil go leór an duine bocht. Bhéarfaidh an geimhreadh seo a sháith le déanamh dhó. Dar príostaí bhéarfaidh / Feairín deireoil caillti é. Ach is cuma sin. Bhí sa (: saithe) mná timpeall air. Ní miste leofa sin nuair a d'airigh siad an t-airgead aige. Ar an airgead a bhíos cion. Dhá mbeicheá ag dorus an bháis bhfuightheá (: gheobhthá) bean ach airgead a bheith ugad (: agad) /

Diúilín: ainm-fhocal, fireann; uimhir iolraidh: diúilíní.
Diúilín: bradán óg: ní bheadh sé ach go díreach taréis a shíolruighthe, agus gan é thar orlach nó ar a mhéid orlach go leith ar fad. Is geall le súmairí iad. Tóigeann sé ó dheich seachtainí go dtí chúig mhí orra a theacht amach as na h-eochraí agus bíonn cupla mí eile orra sul a dtigeann cumraidheacht an bhradáin dáiríre orra.

Diospóireacht: ainm-fhocal; buineann = sáraidheacht, argóinteacht, iomarbháidh, cothaidheacht chainte. [Níor chuala mé an focal seo ag Gaedhilgeoirí ariamh, ach duine amháin, agus measaim gurbh óna "gaedhilg-eoirí", nó as leabhra a tháinic sé. Ní raibh an i fada aige, ach thiocfadh dhó nachar thóig sé ceart é. "Bhí diospóireacht aca le chéile" adubhairt sé. Is iondamhail do Ghaedhilge an fhir chéanna a bheith an-ghlan, ach seo focal thar tír isteach measaim].

Dís = ainm-fhocal; buineann; geineamhnach uathaidh: na díse.
[Tís adeirtear go minic. Tá an focal seo an-imithe as an gcaint, aindeoin go bhfuil sé an-tréan in amhráin a rinneadh suas go dtí cheithre scóir blian ó shoin .i. "agus dís bhan óg ar an stól in a shuidhe" agus rl. Beidh sé téaltuithe leis leis an tsean-líne]

Dís = beirt, cúpla, lánúin.

Tá an dís ann = an bheirt / Is deas an tís iad / Casadh dís bhan dom /

Diarmuid (: dʼīərəmu̯dʼ): ainm dílis, fireann geineamhnach uathaidh:
Diarmuda (: dʼīərəmu̯də) = an t-ainm Dermot, Darb, Darby i mBéarla.

Páidín Dhiarmuda / Garraí Dhiarmuda / Diarmuidín Ó Fíne / Ar chuala tú caint ariamh ar Dhiarmuid Dhonn? Ba mhaith an fear é / "Artha a chuir Úna do Dhiarmaid; artha gan iarraidh gan achuiní:
Cúilfhiacail, cláirfhiacail, fiacail fhada cham,
Agus má tá doigheachaí fiacla ort, nár fhanaidh fiacail in do cheann" (: leagan ar artha na ndoigheachaí fiacal. Níl a fhios cé hé an Diarmuid atá i gceist ann. Naomh eicínt is dóigh. Peadar atá i leagan eile] / Ní dhéanfaidh mé é go ndéanaidh Dia

Diarmuid dhíom = cinnfidh orm a dhéanamh go h-éag [Deir corr-dhuine freisin: "ní dhéanfaidh mé é nó go ndéanaidh Dia dearmad díom (orm)", agus b'fhéidir gurb é is cirte, ach 'sé an chéad leagan atá ag tromlach na ndaoine] / Dhá ndéanadh Dia Diarmuid dó, ní bhfuighidh sé í sin le pósadh = is cuma céard a thárlóchas tá sé réidh léithe / Dhá mbeinn leis go ndéanadh Dia Diarmuid díom, ní bhainfinn feanc as, marach go dtáinic A. chongnamh dhom /[Is beag an mhaith dhuit a bheith ag plé leis sin. Dhá mbeitheá in a éadan go ndéanadh Dia dearmad dhíot, ní chorróchthá as an gclúid údaidh é. Dheamhan lá foráis a bhéas air siúd go bráth / Dhá mbeadh muid ag iascach go ndéanadh Dia Diarmuid dhínn, aon-mhaith amháin é. Dheamhan ceann a d'eireochadh linn ná cuid de cheann / Nó go ndéanaidh Dia dearmad dó, daidhean sluasaid a gheobhas sé uaimse aríst ná cuid de shluasaid. Is dathamhail an scéal é, an feac a bhriseadh innte, agus gan fad méire ag gabhail liom ach í]/ Dhá ndéanadh Dia dearmad ort anois, dheamhan gráinne tobac — ní dhá tiomaint é — a gheobhas tú aríst go dtí seachtain ó indiu. Mara sin déan réiteach leis an méid sin! / Ní ghabhfainn isteach aríst ann dhá ndéanadh Dia Diarmuid díom. Fuair mise mo dhóthain de'n áit sin. An té a bhuailtear san gceann bíonn faitíos air, adeir siad /[Diabhal a cos siúd a fhillfeas chuige nó go ndéanaidh Dia Diarmuid dó. Tá baoghal uirre go deimhin! Dhá mbeadh rún aice a theacht ar ais, ní imeochadh sí ariamh / Dheamhan a bualadh sin de bhean a gheobhadh sé dhá ndéanadh Dia Diarmuid dó. Feicfidh tú go bhfillfidh sé ar cheann gan chíoradh fós]/ Caith sneachta ar a lorg anois. Tá tú réidh len a fháil. Dheamhan fáil muis dhá ndéanadh Dia dearmad ort. Breagh ar thug tú uait é an chéad-lá /

Dearmad (: d ʼ ærəmu̯d) = ainm-fhocal, fireann; geiniúnach uathaidh
: an dearmaid; uimhir iolraidh: na dearmaid; dearmadaí, dearmadachaí
(Dearmaid is coitianta mar iolraidh).
Dearmad: díchuimne; easbaidh cuimne; gan cuimniú ar rud; earráid; rud a bheith contráilte nó mícheart; siléig, faillíghe; ciontú; dul amú, timpiste /
(fc. Diarmuid .i. nó go ndéanaidh Dia dearmad dhíot (ort)).

Tiubharfaidh mé artha an dearmaid in aisce duit mara leigidh tú dhom (fc. artha) / Chuir sé artha an dearmaid dom (fc. artha) / Tá dearmad eicínt orm anois = d'fhága mé rud eicínt in mo dhiaidh cheal cuimniú air, nó tá sé ag cinnt orm cuimniú ar rud eicínt a bhí agam a thabhairt liom / Thug mé liom do chaipín-sa as dearmad (nó indearmad) / Thug mé a scian bheag uaidh indearmad / D'fhága mé mo chuid airgid in mo dhiaidh indearmad / Bhí a fhios agam go maith go raibh dearmad eicínt orm ag fágáil an tighe dhom ach chinn orm cuimniú air in a dheidh sin. Sin é anois. Na bróga a bhí agam a thabhairt liom len a ndeasú / Fuinneoig Ch. and G. a mheabhruigh dhom é. Meastú ar chuimnigh mé ariamh ar chloigeann an lampa a thabhairt liom go bhfaghainn feire dhó. D'fhága mé san mbaile indearmad é / Bíonn dearmad ort i gcomhnaí. Bhuel cuimnigh air an chéad lá eile anois /[Deir tú liom a raibh do "phump" in mo láimh agam, agus leag mé uaim aríst indearmad é, agus níor chuimhnigh mé air níos mó / 'Sé a mála-sise a chroch mé liom indearmad / Nach diabhaltaí an dearmad a bhí anois air, agus gurb' éard a thug sé abhaile i leabaidh "kettle", "teapot". Dá n-abrá (n-abruighteá) leis banbh a cheannacht 'séard a thiubh-arfadh sé agad laogh]/ Tá dearmad mór ormsa (: dul amú; mearbhall) nó seo é an áit / Tá dearmad aríst ort! Níl do rásúr agad /[Shíl sé Seán a bhualadh, ach mise a bhuail sé indear -mad / Níl aon-eolas aice ar na cruacha móna má's fíor di féin, agus as mo chruaich-sa a thugas sí i gcomhnaí í (: an mhóin) i ndearmad / Choinnigh sé mo láidhe-sa indearmad ach b'aisteach an dearmad é. B'fhearr go mór í ná a láidhe féin!]/ Le dearmad a ghníos sí a cuid goid i gcomhnaí! Ní bhíonn a fhios aice nach hé a cuid féin é! / Chuir sé síos deich bpunt in áit céad punt i ndearmad. Ní dearmad an-mhór é 'ar ndú'! /['Sé m'ainm féin a chuir mé indearmad leis an leitir i leabaidh ainm an té a raibh mé ag scríobhadh dó, agus chaith páipéir agus leitreachaí ag teacht chugam go ceann bliana faoi / Thug sí leath-choróin dom in áit dhá scilling indearmad]/ Fuair mé an iomarca sinseála uaithe indearmad / Sinseáil as punt i leabaidh as seicín deich scilleacha a thug sé dhom indearmad / Má bhíonn dearmad

air, ní dearmad uaidh é mo léan = ní hé fhéin a bhéas siar nó síos leis an dearmad. Pé'r bith céard a dhéanfadh sé le rud a choinneál uait nó a thógáil uait le dearmad, ní fhágfaidh sé tada in a dhiaidh dhá chuid fhéin, nó ní thiubharfaidh sé tada dhuit de bharr dearmaid / As deich scilleacha a thug sé sinseáil dhom té (: cé) gur páipéar puint a leag mé aige. Ach mheabhruigh mé dhó é. Má tá dearmad ar an mbuachaill sin, ní dearmad uaidh é mo léan /[Seadh! Árdóchaidh sé leis mo phíopa-sa go maith ach cé a gheobhas aon-bhrabach air fhéin. Muise imbannaí nach bhfágfadh sé a phíopa féin in a dhiaidh annseo. Mo chreach mhaidne ghéar tú! Ní bheidh aon-dearmad uaidh air sin / Tá mo rásúr thíos aige ó shoin. Is gearr is mian leis féin muise ceap ná ceap-ord ná casúr a fhágáil amuigh. Ní bheidh an dearmad uaidh air ar aon-chor / Nach h-iad na dearg-dhiabhail anois iad, aistir a bhaint asamsa siar go D. an Fh. ar scáth na cupla scillingín "dole" sin. Bhí sé thiar romham i dteach an phosta ann, ach b'fhurasta a chomhaireamh nuair a bhí mé san mbaile: 'chuile bhean ósta agus a h-ailp fhéin as. Orra féin a bhí an dearmad. Ach cuirfidh mise geall gur beag an dearmad uatha a bhéas orra. Má chuireann siad scilling agad le cois, is maith luath a bhéas leota de pháipéar amach in a coinne aríst, agus ní go teach posta Dh. an Fh. a chuirfeas siad é ach oiread! = moltanas ar fheabhas na Stáit-Sheirbhíse é seo]/ Má fuair tú an iomarca airgid, ní leigfidh siad leat é, feicfidh tú fhéin air. Ní beidh dearmad uatha ar bith orra sin / An bhfuil a fhios agad an uair a fuair an cut scilling cé'n chaoi ar chaith sé í? Innseochaidh mise sin duit: bonn ar amharc a bheith aige 'san oíche cho maith leis an lá, bonn ar dhearmad bhean an tighe, agus bonn ar shiubhal mion = 'Sé dearmad bhean an tighe, an bainne a fhágáil siléigeach, nó gan aon-chlár a chur ar an gcanna / Tá an cut ar an mbord aríst. Dearmad bhean an tighe, 'deile = d'fhága sí bainne, im, arán agus rl. ann / Tá an bithiúnach de chut is an mbainne aríst. Ach d'eireochadh dhó. Dearmad bhean an tighe! /[Níor thug mé siúcra ar bith dhaoib. Dearmad bhean an tighe! / Ní bheadh an méid sin féin de dhearmad air, an scian bheag a fhágáil in a dhiaidh / An rud a dhéanfas sé siúd, beidh sé gan aon-dearmad feicfidh tú féin = earráid, lúb ar lár]/ Is beag

an dearmad a dhéanfas a h-athair / Níl a fhios agam cé's mó an dearmad an "spray" a chur amach nó gan a chur. Is measa an chuid ar chuir mise orra é, ná an chuid nachar chuir /[Bhain dearmad eicínt dó, nachar thug sé leis é = díchuimhne; earráid freisin / Nach diabhlaí an dearmad a bhain díom anois, agus go raibh mé anoir ag B. na Tr. shul a chuimnigh mé ar an mbuta / An té a mbainfidh dearmad dó (: dhe) lá, bainfidh sé dhó 'chuile lá / Ná baineadh aon-dearmad díot anois. Déan do theachtaireacht ceart]/ Bhí dearmad eicínt san gcuntas ach mise a bhí siar leis ar aon-nós / Is minic len a chuid billí dearmad a bheith ionta, má's d'aon-uaim é nó nach h-eadh / Is annamh a eirigheas aon-dearmad dó sin muise, hébrí céard a bhí air indiu / [Níl fear ar bith nach n-eireochaidh dearmad dó uair eicínt / A leithead sin a bhfuil cúram air go leor figiúirí a dhéanamh suas, is deacair dhó gan dearmad a eireachtáil dó / An-fhear cuntais é M. Ní eirigheann dearmad ar bith dó, agus na mílte punt ag dul thrín a lámha]/ Frítheadh dearmad san airgead agus briseadh é / Tá sé in a dhearmad ort, th'éis a bhfuil d'fhoghluim ort = tá dearmad (: earráid) déanta agad / 'Sé mo dhearmad fhéin é. Níl aon-mhaith dhom a mhilleán a chur ar aonduine eile / Ní leigfeadh an dearmad dom an láidhe a thabhairt liom, agus í ag teastáil / Sí an chúig dheireadh sin a chuir 'un dearmaid mé san gcomhaireamh. Níor chuimnigh mé uirre sin beag ná mór / Is mór an dearmad é = is an-dearmad é (: an-dearmad de'n tsaoghal agus rl.) / Is mór an dearmad a bhí air a dhul ag cur turnapa ar bith i mbliana / Níorbh é a dearmad gan a theacht ag breathnú orm = chuimnigh sí air agus rinne sí é / Ní hé a dhearmad mo léan gan meabhrú dhom gur fhan unsa tobac orm an lá faoi dheireadh /[Níorbh é a dhearmad gan mé aithneachtáil th'éis nach bhfaca sé ach uair amháin ariamh mé / Caithfidh an dearmad féin a bheith ann / Rinne sé dearmad agus pósadh ariamh ar scáth a raibh de theannadh ar a chúl aige / Ba mhór an dearmad a rinne sé an bhean sin a phósadh / Rinne tú dearmad agus bacadh le bainbh ar bith a cheannacht faoi nach raibh aonduine agad a thiubharfadh aire dóibh]/ Ná déan dearmad ar a theacht anois = cuimnigh; ná loic / Seachain a ndéanfá dearmad ar t'anam pébrí céard a dhéanfas tú / Níl ag duine dearmad

a dhéanamh ar Aifreann an Domhnaigh / Nach maith luath atá dearmad
déanta de'n bhaile aige / Is éascaidh le duine dearmad a dhéanamh
ar an arán a h-itheadh /[Níor chumaoin dó dearmad a dhéanamh
ar a dhearbhráthair muis. Chaith sé go maith leis / Rinne sé
dearmad, agus tá sé sin ag dul roimhe ó shoin = is minic adeirtear
seo faoi bhean a chur ó chrích / D'eirigh dearmad dó, ach bhí aige
a pósadh / Ó d'eirigh an méid sin de dhearmad dó, níor chorruigh
sé amach as an teach / Níor chumaoin dom dearmad
a dhéanamh fút, agus rud agam = ba cheart dom cuireadh a thabh
-airt duit chuig bainis etc. = níor chóir dom do dhearmad a
dhéanamh / Ní fhéadfamuid dearmad a dhéanamh faoi sin.
Dheamhan ceo a bhí aige féin ariamh, nach raibh muide aige ann]/
Ná leig indearmad é = i siléig, i ndíchuimne / Shílfeá go bhfuil
do chuid leabhra leigthe indearmad agad. Ní fheicim agad
anois chor ar bith iad / Tá a chuid oibre leigthe indearmad aige
ó tháinic "gaedhilgeoirí". Ní dhéanfaidh sé smeach aríst go n-imighidh
siad más fada gearr é / Láidhe dearmaid í sin = ceann a fágadh
amuigh indearmad / Thug sé sinseáil dhearmaid dhom ó'n lá
deireannach = sinseáil a bhí aige a thabhairt dom an lá deir-
eannach / Mo dhearmad, cá'r fhága tú é! = meabhruigheann sin
dom a fhiafruighe dhíot [An leagan ar fad "mo chuimne agus mo
dhearmad"] /[Mo chuimne agus mo dhearmad, cé'n chaoi a ndeachaidh
tú abhaile an oíche a raibh tú annseo faoi dheireadh / Mo chuimh
-ne agus mo dhearmad, an raibh tusa istigh tigh Sh.? / Mo chuimne
agus mo dhearmad! Níor innis mé dhuit go raibh S. annseo, ach
dheamhan amharc a chonnaic mé ort ó shoin, chreidim]/[Mo
dhearmad! Chuaidh mé siar ann in a dhiaidh sin aréir, agus fuair mé
istigh romham é / Mo chuimhne agus mo dhearmad! Meastú nach
raibh sé ag strócadh ag iarraidh mé a thabhairt ar an bpátrún. /
Mo chuimhne agus mo dhearmad! Ní chasfaí aon-tsean-mhiodach de
láighe agad a bhainfeadh béilí fataí nua dhom]/ Nach diabhlaí
nach dtáinic S. i mealladh(?) ná indearmad ariamh ó shoin =
ar chontar ar bith; chor ar bith / Ní fhaca mé i mealladh ná
indearmad é leis an tsiorraidheacht hébrí cá mbíonn sé
[fc. bealach. Ach deirtear i mealladh ná indearmad cho minic
le i mbealach ná i ndearmad].

Dearmadach (dʼærəmu̯dəx) = ainm-fhocal; geiniúnach uathaidh = an dearmadaigh. Sin é an uimhir iolraidh freisin.
dearmadach: duine a ghníos dearmaid, go h-áirid dearmaid díchuimne.

Dearmadach é sin / Nach hé an dearmadach de dhuine é. Is gearr a chuimneochas sé ar a chuid éadaigh a chuir air ar maidin / Dearmadach críochnuithe mé faoi nachar chuimnigh mé é sin a rádh leat th'éis nach raibh ag dul fúm ná tharm ach é / Is diabhlaí an dearmadach thú! Chuir mé na seacht bhfainiceachaí ort gan a theacht abhaile d'uireasbhaidh lann rásúir, agus tháinicis in a dheidh sin / Seo! Ná bí 'do dhearmadach anois mar a bhíos tú i gcomhnaí. Tabhair leat do chuid teachtaireachtaí go barrainneach /

Dearmadach: aidiacht as dearmad = a bheith tugtha do dhearmaid a dhéanamh; gan a bheith indon cuimne a choinneál ar rudaí.

Is tú atá dearmadach. Shílfeá go mba é an rud is lugha dhuit cuimniú ar an rud adéarfaí leat / Nach dearmadach an mhaise dhom anois é a theacht ó'n siopa dhá uireasbhaidh, agus gurb é is mó a thug ann mé / Níl aon-duine faoi thalamh an domhain is dearmadaí ná mé. Leagfainn rud as mo láimh, agus ní bheadh a fhios agam ó Neamh cá mbeadh sé. Is minic nach bhfeicfinn é agus é as comhair mo dhá shúil / Nach mé a bhí dearmadach anois gur fhága mé an leabhar in mo dhiaidh, agus dheamhan comhaireamh na sop a gheobhainn dhá fuireasbhaidh.

Dearmaduigh = briathar. Láithreach: dearmaduighim agus rl. Fáistíneach : dearmadóchaidh mé. Caithte: dhearmaduigheas, dhearmad sé. [Níl sé baoghal air cho coitianta in a bhriathar agus atá sé in a ainm-fhocal]

Dhearmad mé eirghe in am / Dhearmad sé a dhul amach dhá n-iarraidh nó go raibh sé in a chontráth / Ná dearmad anois a theacht in am. Ní fheilfidh sé dhuinn a bheith deireannach / Ná dearmaduighdís píosa a chur ar an gcuraigh sin sul a dteighidh siad 'un fairrge aríst innte. Tá sí ag déanamh uisce mar adéarfá léithe é / 'Chuile scéal dhá raibh agam ariamh, tá siad dearmadtha agam anois. Tá dearmad déanta agam ar 'chuile mhíle ceann aca, tá sin /

Díomhaontas (dʼīwīntïs : dʼīwīntəs): díomhaoineas = ainm-fhocal; fireann geineamhnach uathaidh: díomhaontais; díomhaoinis.
Díomhaontas, díomhaoineas = leisce, spreallaireacht; gan fír ná déantús maitheasa; a bheith in do chomhnaí. [Díomhaontas is mó adeirtear]

Tá a fhios agamsa go maith cé'n tinneas atá ag dul duit: neart díomhaontais / Mara gcaithidh tú an díomhaontas as do chnámha bainfear asad é le neart maide / An-ghnaitheach a bhí in M. sin, ach tá sé gaibhte 'un díomhaontais uiliog le goirid / Is furasta aithinte céard atá uirre: díomhaoineas. Ní dheachaidh fír na maitheasa innte nuair a bhí aige a dhul innte / Tá mo chnámha spadtha ar fad ag díomhaontas na coicíse seo (: a bheith in a chomhnaí; gan a bheith ag obair) / M'anamsa ná raibh ag an diabhal mara n-eirighidh tú as do chuid díomh-aontais, agus creachlaois eicínt a dhéanamh go n-íocfaidh tú ann. Má tá maith indíomhaontas, tá do dhóthain dó déanta agad le bliain. Ach níl aon-mhaith agad ann mara mbeidh tú d'fheacht agus go h-áirid in do chomhnaí / Diabhal a dhath ar an spreallaire sin ach neart díomhaontas agus leisce. Ba dual athar dó / Tá an bhliain caithte le díomhaontas anois aige. Nach sílfeá go dtiocfadh fonn oibre air uair eicínt, ach dheamhan é muis]/ M'anam go bhfuil an díomhaontas caithte in aer aige ó phós sé. Bainfidh sí siúd deatach as. 'Sí atá deas air / Sin é an díomhaontas nach mbeinnse a iarraidh muis, dhá mbeadh neart agam air, ach níl aon-lúd ionnam le tada a dhéanamh /[Díomhaontas uiliog annseo é ó Shamhain amach, go dtí lá Fheil' Bríde aríst. Dheamhan smeach a bhíos le déanamh]/ Díomhaoineas ar fad é an saoghal anois. Dheamhan buille oibre ann, mara dteighidh duine go Sasana / Tá sé sa díomhaontas aríst = tá sé imighthe le díomhaoineas aríst = tá spreallaireacht tagtha air, nó tá sé as obair / Ní féidir gur sa díomhaontas atá tú aríst. Cheal nach dtóróchthá obair? Tá neart oibre ar fud na tíre má tá rún agad a déanamh / M'anam gur imighthe sa díomhantas atá

sé sin 'chuile lá. Sin í a cheird /[Is gearr go mbeidh na daoine sa díomhaoineas arís, ach a stopaidh na bóithrí seo]/ "Is beag is feicthear do'n díomhaontas" = "is mór a bhíos le feiceál ag an díomhaontas" = [sean-fhocal] = nuair a bhíos duine in a chomhnaí tugann sé gach rud dá fhánaighe faoi deara, agus b'fhearrde é go minic nach dtiubharfadh sé faoi deara chor ar bith iad /[Shílfeá go bhfuil puillín i gcúl do stoca. Is beag is feicthear (is feicthears amanntaí) do'n díomhaontas abair]/ Nach maith a chaithfeá an méidín sin féin a thabhairt faoi deara. Dhá mbeadh áird ar do ghnatha agad, is beag a d'fheicfeá deir-imse leat. Ach is amhlaidh a bhíos sé: is mór a bhíos le feiceál ag an díomhaontas /[Siúd é an buachaill a chonnaic 'chuile chor agus atá indon an chaoi a chuir air freisin. Ach is beag is feicthear do'n díomhaontas, arsa tusa]/ Dhá mbeadh suim in do gharrdha agad, ní ag breathnú ar a colpaí a bheitheá, ach ag tabhairt cíoch do do láighe. Ach is mór a bhíos le feiceál ag an díomhaontas, adeir siad /

Díomhaoineach (: d ʼ īwīn ʼ ə x): aidiacht as díomhaontas = leisceamhail, neamh-fhíreamhail, spadánta, a bheith in do comhnaí nó cheal oibre

An Tula Dhíomhaoineach = ainm áite i bparráiste an Spidéil. Tá sé amach faoi'n sliabh. Bíonn caoirigh ann, agus ní fheicfeá na caoirigh ó thaobh de'n chnocán, mara dteightheá ar an taobh eile. Níl a fhios agam an bhfuil aon-bhaint aige sin leis an ainm nó nach bhfuil / An Sconnsa Díomhaoineach = sconnsa atá inGaillimh. Is air a chruinnigheas a bhfuil de stucairí, agus de spreallairí 'sa mbaile mór: Lazy Wall imBéarla / Nach thú atá díomhaoineach anois nach bhféadfá an méid sin féin a dhéanamh = leisceamhail / Tá mé díomhaoineach le seachtain, agus dhá mbeadh a fhios agam é sin, b'fhurasta dom cupla lá a thabhairt duit = in mo chomhnaí, nó gan a bheith ag déanamh mórán oibre / Nach díomhaoineach atá sé sin i gcomhnaí ar scáth a ndéanann sé! / Tá neart fir fánaighe díomhaoineach ar fud na tíre, agus breagh nach bhfaghann sé duine aca, agus an stoca fada siúd (: sparán) a bhearnú / Níor rugadh ariamh aon-fheithideach is díomhaoinighe ná is lugha déantús maitheasa ná é. Chuirfeadh sé an ghráin chríochnuighthe ort ag breathnú air sa ngarrdha.

Díth = ainm-fhocal, fireann = fuireasbheadh; easbaidh; cheal.

Tá díth na mbróg air = níl aon-bhróga aige / Díth bróg a choinnigh ó'n damhsa mé / Tá díth bróg ar 'chuile fhear anois, ó tháinic an cogadh míádhasach seo / "Cuirimse díth bróg ar an óig-fhear nachar fhan mar a bhí, agus a fheabhas agus a sheinnfinn ceol duit lá an Fhóghmhair agus mé ag baint an líne" (As Coinleach Glas an Fhoghmhair) /[Níl rud ar bith is measa in a dheidh sin ná díth na mbróg. Má bhíonn do chosa fuar beidh fuacht ort is 'chuile áit / Tá díth bróg orm as éadan anois le dhá bhliain. Cheannaigh mé péire bróg thoir 'san mB. tá cheithre bliana go Cáisc seo caithte. Seacht fichead a thug mé orra. Chaith siad trí phéire tosaigh dhom. Dhá bhliain go Féil Bríde seo (gha)bh thart a thug mé do thincéara iad a tháinic annsin. Ní raibh aon-bhróig faoi shásamh agam ó shoin]// Tá díth córach ar an mbád seo siar = easbaidh córach; í a bheith ag dul in éadan na gaoithe nó calm a bheith ann / B'éigin do filleamhaint ar ais aríst go dtí an caladh le díth córach / "Lá breagh dhá raibh mé ag seoltóireacht le Paidí óg fear gan mhísc Cuireadh le díth córach muid ar ais aríst go Casla i dtír." [As amhrán "Rosamhíl". Tá an líne sin i leagan amháin de'n amhrán /[Má bhí díth córach féin orra, shílfeá nar chall dóib a theacht na céibhe. Ní aineolaidhthe fairrge iad. Is iomdha lá ba mhó ná é ar shrian siad siar é / Díth córach agus tuaifisc fairrge a d'fhága i gcéibh an S. anocht muid. Marach sin bheadh muid ag cur éadan ar an ól anois tigh na C. agus feistiú againn ar an mbád i gCaladh an A. Ach ní raibh aon-ghoir againn a dhul ina h-aghaidh. Bhí sí ro-theann 'sa mbun sin / Dhá maireadh an díth córach i bhfad eile orainn, ní thiocfadh muid i dtír ar an taoille seo. Bhí an-lagar ann / Tá an lá caithte ag tornáil againn. Diabhal díth córach mar í a bhuail ariamh ar fairrge mé, agus is fada mé ag bádóireacht. Chuir sé go snaidhm na stothaighe muid]/ Cé'n chiall iad ag cur i dtír aríst. Rud eicínt a d'fhága siad in a ndiaidh. Ní calm ná díth córach ná uair mhór atá orra. Bheadh lán na trí seolta siar aca go deas anois / 'San am a raibh na soithigh seoil ann, chaithidís bliain ar an bhfairr -ge scaithtí le díth córach. Trí ráithe a chaith dearbhráthair de mo shean-athair ag dul go h-Astraoile. Phós sé mar phósfadh sé indiu, agus d'imigh sé fhéin agus a bhean an lá dár gcionn, agus rugadh páiste dhóib shul má bhí siad

ar an talamh thall. Saoghluigheadh é lá nó dhá roimh "landáil" dóibh // Nach ort atá díth na céille agus a dhul dhá dhéanamh sin /[Tá díth na céille ort má phósann tú fós. Tá sé luath go leor agad. B'fhéidir gur aithmhéala a bheadh ort nuair a bheadh sé deireannach agad. In a dhiadh a fheicthear do'n Éireannach a leas / Díth na céille! D'eile! 'Ar ndú' ní dhiomallóchadh sé a chuid mar sin, marach go raibh treáll eicínt air. / Ní díth ar bith atá air ach díth na céille. Nachar chuma dhó faoi árd-bhonnaidheachaí an diabhail céard a dhéanfadh an t-airgead atá aige i Meiriocá. Má mharbhuighthear 'sa gCogadh é nach measa dhó é ná an saoghal mór; agus a fhusacht dó fanacht sa mbaile anois agus gan a dtaobhachtáil níos mó]// Tá díth codlata air = cheal codlata //[Ní meisce ar bith atá air ach díth codlata. Nuair a bhainfeas sé spuaic amach, feicfidh tú féin air gur beag an chlóic a bhéas air / Bhí mé i gcruth tuitim i mbun mo chos le díth codlata. Chodail mé oíche agus lá i mbéal a chéile shul a d'eirigh mé]// Níl gnatha ar bith agamsa a bheith taithighthe i dtighthe ósta: fear a bhfuil díth airgid air. Dhá mbeadh an póca teann agam, ní bheadh leisce ar bith orm fanacht ann go ceann dhá lá. Ach "pocaí falamha bocht buailidís bóthar" / Ní díth air-gid atá air ná tada dhá shórt. Céard a bhéarfadh díth airgid air agus an tslí agus an deis atá aige? //[Deir sé go bhfuil díth talmhana air agus é ag cinnt air a bhfuil aige a shaothrú. Dar fiadh, is sraimlí an scéal é! // Ní raibh aon-díth fataí ariamh orm go dtí i mbliana, ach loic siad uiliog orm anuiridh // Mara mbeidh iasc ag T. se'aghainne ní de dhíth a chuartuighthe é = ní cheal a chuartuighthe é / Mara bhfaghaidh siad mná ní de dhíth a gcuartuighthe é ar chaoi ar bith. Tá siad dhá saothrú go maith / Mara bhfuil airgead aige, ní de dhíth a shaothruighthe é. Bíonn sé amuigh moch agus deireannach. Ach tá an mífhortún air ach an oiread le duine]/ Ní bhfuair sé aon-"feaig" agus ní de dhíth a dtóraidheacht' é. Shiubhail sé an tír. Ach sin é a raibh dhá bharr aige / Diabhal fód móna a bhíos aige bliain ar bith, ach mara mbíonn ní de dhíth a baint' é. Baineann sé an-chladach di, ach fágann sé annsin í ina scaradh, nó go mbíonn sé ro-dheireann -ach 'san mbliain / Tá sé ag cinnt air poistín ar bith a fháil, agus ní de dhíth cainte é ach oiread. Chuirfeadh sé cosa beaga faoi na glasógaí le teann cainte / Dheamhan bean a fuair sé agus ní de dhíth a shaothruighthe é ach an

oiread. Chaith sé cúig nó sé de phéiridheachaí bróg ag dul na h-aistreáin sin siar. Cé'n bhrígh ach an t-am a raibh sé ag imeacht: ar an sneachta mór. Chonnaic mé ag teacht isteach is an séipéal annsin thiar é, maidin Domhnaigh, th'éis a bheith ar a chois ar feadh na h-oíche, agus níor dhíol-truaighe go dtí é. Bhí cuisne síos as cúl a chinn /[Mara dtugann sí aon-áird air, ní de dhíth a leanacht' é. Níl goir aice corruighthe amach in áit ar bith nach mbíonn sé leis an tsáil aice. / Mara mbeidh obair déan -ta aige, ní de dhith eirghe moch é. Bíonn sé amuigh le giolcadh na fuiseoige 'chuile mhaidin. Ach b'fhearr cearc i ngarrdha ná é. Ag imeacht ag cipiléaracht a chaitheas sé an lá / Ní raibh turnapa ag gabhail leis anuiridh, agus mara raibh ní de dhíth a nglanta é. Rinne sé a dtanaidheach -an a dhó nó a trí de chuarta. B'fhéidir gurb é an iomarca tanaidheach-ain a rinne sé orra]// Tháinic sé mar dhíth le airgead = ingeall air (fc. geall) // Tá dícéille ort nach dteigheann agus a mbaint = seafóid, easbaidh céille; a bheith ar bheagán céille / 'Sé'n dícéille sin a d'fhága mar sin ariamh é sin / Is beag de'n dícéille sin atá ag pléidh len a dhearbhráthair. Sin é an buachaill a mbeidh áird aige ar a ghnatha / Is mór de'n dícéille atá istigh in do cheann go bhféachaidh Dia orainn / Cé'n neart atá air sin. Caithfidh an dícéille fhéin a bheith ann go bhfoiridh Dia orainn! / Dheamhan maith a bheith ag caint mar sin ach oiread. Ní bhíonn neart ag an dícéille féin air = déanfar rudaí as dícéille, agus an té a ghníos iad, ní díol milleáin é, ó thárla go mbíonn an dícéille air /[Ní féidir óige agus dícéille a scaradh ó chéile, adeir siad = bíonn dícéille ag dul do'n té a bhíos óg / Tiocfaidh ciall dó leis an aimsir, ach ní féidir dícéille agus óige a scaradh ó chéile / Diabhal an fearr dóibh ceird dhá bhfuil orra, ná a bheith ag baint scathamh siamsa amach 'fhad agus atá an óige aca. Caithfidh an óige a cóir féin a fháil agus deir siad gur deacair óige agus dícéille a scaradh ó chéile. Diabhal mé go raibh muid féin sáthach aerach lá de'n tsaoghal / Óige agus dícéille atá air. Is furasta breith ar thóin fós air, má mhaireann sé / Is fadó a d'fhága sé an dícéille taobh thiar dó má bhí sí air ariamh. Má bhí ba é an beagán é / Ba mhór an dícéille dhuit a dhul ag athrú chor ar bith agus thú buailte ar do chuid talmhan' ar fad i mbarr an bhaile]/ Dícéille atá air — 'deile // Tuige a ndearna sé sé? Tuige 'ar ndú'? Cá'r fhága tú an dícéille

a mhic ó mo chroidhe? / Le teann dicéille atá sé ar an gceird sin / Siúd í an tír a bhainfeas an dícéille as /[Sé'n an t-ól an dícéille is mó thar 'chuile dhícéille ar fad / Ní fhaca mé aon-dícéille ariamh mar é: a dhul ag ceannacht seala beithidheach mar sin agus gan aon-cheo aige len a dtógáil / Tá sé mar tá sé ag an dícéille / 'Sé'n dícéille a d'fhága 'san gcruth sin é / Níl rud ar bith is measa do dhuine ná a chuid dícéille féin / Tuige a mbeadh a leithide de dhícéille ort? Fág aige féin é / Is beag de'n dícéille sin a bhí ag imeacht len a athair muis. Ba mhaith tíomhasach an fear é, go ndéanaidh Dia grásta air! / Ní dícéille go dtí é; ach oibrigheadh sé leis. Beidh a fhios aige féin ar ball é! / Céard a bhain dó, an oiread sin dícéille a dhéanamh? / D'fhága siad uiliog an dícéille ag P. = bhí an chuid eile aca críonna / Leig de do chuid dícéille, agus gabh suas abhaile. Dearg-dhícéille críochnuighthe dhuit, imeacht ó do mhuintir féin mar sin / Is mór an dícéille a dhul dhá dhéanamh cho fada seo amach 'san mbliain / Fuair an dícéille an ceann is fhearr air ina dheidh sin th'éis cho staidéarach agus a bhí sé / Thug sé an dícéille sin abhaile leis 'ar ndú' / Feacha an dícéille a bhí air sin an gamhainín a dhíol ar chúig phunt i leabaidh a choinneál nó go reamhruigheadh muid é / Is mór de'n díceille a bhí ag siubhal leis 'chuile lá ariamh ach sháruigh an rud seo luirgne dóighte / 'Ar ndú' níl ann ach dearg-dhícéille dhó sin a dhul ag pósadh, mara bhfuil sé indon bean a chothú]/ Tá do sháith fhéin de'n dícéille ort ar chaoi ar bith / 'Nuair a roinneadh an dícéille níor fágadh thusa ar deireadh = tá go leor dícéille ag siubhal leat / Dícéille a bhain an mhéir de Mhurchadha = sean-fhocal = chaill Murchadha a mhéir le dícéille / Céard a bhí air? Dícéille 'ar ndú'! An rud a bhain an mhéir de Mhurchadha / Is deas an bhail a chuaidh air, ach 'sé a bhí sé a thuaradh dhó féin le fada. Dícéille, adeir siad, a bhain an mhéir de Mhurchadha / A, níl aon-mhaith a bheith ag caint. Dícéille a bhain an mhéir de Mhurrchadha. Dhá dteag-adh sé sin suas ar chomhairle duine ar bith a bhí ar mhaith leis, ní thaobhóchadh sé an áit sin luath nó mall. Ach mo léan géar. Bhí sé mí-chomhairleach 'chuile lá ariamh / Tuige dhom a dhul siar ann ab eadh? Tuige ar bith. Dícéille. Dícéille a bhain an mhéir do Mhurchadha, agus ba bheag an scéal Murchadha ná a mhéir má bhí sé m'fhearacht-sa / Dícéille a bhain an mhéir de Mhurchadha. Chuaidh ag an dícéille ar an

bhfaitíos agam, agus tá a shliocht orm. Chaill mé dhá fhiacail leis / Le corp dícéille críochnuighthe a cheannuigh sé an teach sin. Dar fiadh ba eadh. Dícéille 'ar ndú' a bhain an mhéir de Mhurchadha, hébrí cé hé Murchadha. Fear a bhí fadó ann chreidim / Dínáire, díshláinte, dífhascadh, díchreideamh, dímheabhair, díthráigh = Tá an focal dí díth, in a chuid chorp-anta d'fhocla de'n tsórt seo / An bhfaca tú dínáire ariamh go dtí í = gan náire; gan a bheith náireach; mí-chuibheamhlacht, triollús thar mar is cuibheamhail do dhuine. / Ní raibh tada de'n dínáire seo fadó ann. Dhá bhfeictí cailín óg ag leádrán ar bhóithrí 'san oíche an uair sin, mara mbeadh a gnatha ann, dheamhan brat pósta a ghabhfadh go deo uirre. Is orra sin atá candáil anois /[Seo é saoghal na dínáire ar chuma ar bith! Chonnaic mé cluiche gearrchaileadha óga dhá n-ionnfairt féin thíos ar an tráigh annsin thíos an lá faoi dheireadh, agus falach orra ach an oiread leis an oíche ar rugadh iad / Cá'r fhága tú an dínáire? Dar fiadh d'iarrfadh sí siúd airgead ar an bPápa dhá gcastaí in a bealach é]// Tá díshláinte uirre le fada = easbaidh slainte; gan a bheith folláin / Is beag an díshláinte atá air ag goid mhóna nó an uair a bhéas snáth feamainne istigh / Tá díshláinte ar an duine bocht. Is fada an lá meath-thinn mar sin é. Níl aon-turas in Éirinn nach bhfuil tugtha aige — Mám Éan agus Cruach Phádraic agus an Cnoc — ach níl aon-mhaith ann /[Sin í an cheird a chuir 'un díshlainte i dtosach é: ag imeacht mar sin de shiubhal oiche le cladaigh ag tóraidheacht raic. Deir siad, nach bhfuil an raic sonaidhe. Ní fhaca mé aon-fhorás ar aonduine ariamh a bheadh léithe ar aon-nós / Cá'id ó bhuail díshláinte é. Shílfeá gur fear luath láidir cruadh fáiscthe é. Ach ní bhíonn a fhios ag aon-dhuine cá luigheann an bhróig ar an gceann eile. 'Chuile dhuine agus a anshógh féin go bhfoiridh Dia orainn! / Tá díshlainte ag dul do'n fhear, agus shílfeá nach bhfuil tada le cois na sláinte ag na gasúir ach an oiread. Tá siad suaithte droch-bhreathnuigheach, agus sílim gur minic ag éagcaoineadh freisin iad / Duine ar bith a bhfuil díshlainte air, bhí aige aire a thabhairt dhó fhéin // Ní raibh againn ach dífhascadh = droch-fhascadh = áit a mbeadh droch-fhascadh ann, ach go mb'fhearr

é ná gan tada / Áit ar bith suas ar na portaigh, níl ann ach dífhascadh, má theagann an lá mór chor ar bith /[Dífhascadh ar fad é bóthar an tsléibhe sin. Tá sé an-righte, agus gan claidhe na fál leis, le múr a leigean thart faoi / Ní raibh againn ach dífhascadh istigh imbruach chois an bhóthair, ach b'fhearr sin féin chreidim ná lorg na bó ar an gcreangaire, mar adeir an ceann eile / Tá dífhascadh ann faoi'n sean-mhótha siúd, ach ní bheadh deoir as aer nach mbuailfí ort ann in a dheidh sin. / Bhí sórt dífhascadh agam faoin tuimín, ach diabhal mórán cúise a bhí leis. Fábhall ar bith a d'fhághainn bhínn rithte amach]// Díchreideamh é an domhan ar fad anois, cé's moite de'n tírín seo againn féin, agus diabhal thairis sin de ghaisce uirre sin ach oiread = easbaidh creidimh; gan aon-chreideamh / [Is cosamhail é le fear a mbeadh díchreideamh air, de réir a chuid caint-e. Ach ná bac le duine ar bith a bhí i bhfad i Sasana. Is galra leo é sin / Deir siad go raibh sagart annsin thoir cheana agus go raibh díchreid-eamh air 'sábhalaidh Dia sinn! D'ionntuigh sé in a mhinistéara as a dheireadh / Tá an saoghal ag teacht an-aisteach anois. Idir díchreideamh agus 'chaon tsórt, ní bheadh a fhios aghad céard adéarfá le na daoine. 'Ar ndú' deir siad go mbeidh díchreideamh as éadan ann nuair a thiocfas "AntiChrist." 'Sé a chosamhlacht go bhfuil sé ag tarraint ar dheireadh an domhain ar aon-chor / 'Léar (: de réir) mar atá tú a rádh anois díchreideamh ar fad na Rúiseánaigh. Chuala mé an sagart ag cur caoi air cheana, ach ní maith gur thuig mé é. Chuir tusa anois bail ó Dhia ort an clár mín air / Is beag an dochar de'n aimsir fhéin a bheith mar atá sí agus a bhfuil de dhíchreideamh fud an domhain. Chonnaic mé Éireannach ag teacht thall i Sasana. Ba as an gcondae seo é — ceantar Bhéal Átha na Sluaighe. Diabhal a raibh sé mí ariamh ann gur chaith sé in aer an t-Aifreann, agus gur thosuigh sé ag rádh nach raibh Dia ar bith ann. "Agróchaidh Dia ort é," adeir Árannach a bhí abuil mé]/ Chonnaic mise an uair, agus dheamhan lá féile 'san mbliain nach imighthe ag déanamh turais ag tobar eicínt a bheadh an tír. Go dtí Tobar Éinne, nó Tobar Sant Aibhistín nó Loch na Naomh, nó Tobar Cholm Cille, nó Mám Éan, nó Tobar Muire. Dheamhan neach an aoin (: ēn ’) ag taobhachtáil aon-tobar anois, mara dteighidh siad do'n Chnoc. Nach ar an saoghal a tháinic

an díchreideamh ó shoin. Díchreideamh agus smál / Chuireadh muid suas na crasógaí Bríde roimhe seo, agus thosuigh daoine ag rádh annsin go mbadh pirseogaí iad agus h-eirigheadh asta. Sílimse gurb shin tuilleadh de'n díchreideamh agus de'n díleághadh atá ar an saoghal. B'fhearr a bhí an saoghal go fada 'fhad's bhí na daoine simplí. 'Chuile líne ag dul 'un míne agus ag dul 'un bréige // Dímheabhair ar fad é sin = níl aon-mheabhair, ann; níl tuiscint ná intleacht aige / Má ghníonn dí-mheabhair dhó é ar chaoi ar bith, déanfaidh sé gníomh. Dímheabhair fré chéile é /[Déarfá dhá gcaiththeá cupla nóiméad ag caint leis nach bhfuil tada eile ann ach dimheabair. Má tá, ní léar domsa é ar chaoi ar bith]// Dí thráigh [ɡ'ĭə-hrā: fuaim ɡ'ĭə i gcomhnaí. Níor chuala mé d ariamh ann. Ní mheasaim gur mar sin is ceart a leitriú ach oiread. B'fhéidir gur iath-thráig, iadh-thráigh é, nó iar-thráigh agus sean-fhuaim an i (gh anois) ag fanacht ar an i.] = nuair a bhíos sé tráighte amach cho fada agus a thráigfeas sé an lá sin. Nuair a bhíos an taoille in a seasamh gan tuileadh ná trághadh. Malrait lán-mhara nó barr-láin é /
Tá sé in a dhíthráigh anois / Is gearr go mbeidh sé in a dhíthráigh / Dhá dteigheadh muid síos ar dhíthráigh, d'fhéadfá a rádh go mbeadh feamainn aige / Ní thaobh le bheith in a dhíthráigh atá sé. Déarfainn go bhfuil roint tuilte aige /[Lá ar bith a ngabhfaidh tú síos ar dhíthráigh annsin thíos, gheobhaidh tú dalladh aca is na locháin in íochtar cladaigh. Chonnaic mé an draoi aca an lá cheana thíos ann / Bíonn an mulán sin leis ar dhíthráigh rabharta móir / Is minic a chuaidh mise ar leic na mbromóg ar dhíthráigh rabharta mór na Féile Bríde. Ach chaithfeadh an-thráigh de'n tsaoghal a bheith ann le dhul uirre / Ní bhainfidh tú mórán feamainne duibhe is na bráideannaí sin ar dhí thráigh meath-rabharta. Níor bhfuláir duit rabharta mór féin le aon-fhoghail a dhéanamh ann]/ Chuala mise fear aniar amach ag rádh go dtóigfeá na muiríní ar dhíthráigh rabharta móir, is an tsean-fhairrge ach ní maith go gcreidim é. Ag cumadh a bhí sé sílim / Bhainfeá cairrgín ár dhíthráigh 'chuile rabharta annsin thíos, ach diabhal dosán ann anois. Crínneadh (: creinneadh) na clocha le cupla bliain. Níl a dhath orra amach ó'n gcré anois / Ba mhaith an dóigh breac í an L. Ph. dhá mbeadh sé in a dhí thráigh. Is minic ariamh a mharbhuigh mé bromóig uirre. Ach tá an lá indiu an-gheal l'aghaidh iascach carraige //

Dí mar réimmír aidiachta nó bréithir: dínáireach,
díshláinteamhail, dífhascamhail, dímheabhrach, dícéillidhe, dímheasc
-tha, díthocras agus rl. / Duine dínáireach í = gan aon-náire / Is
dínáireach an cleas dó é sin a dhéanamh / An scubaid dhínáireach!
Is gearr go n-imighidh sí gan snáth ar bith. Dheamhan snáth anuas
ó na másaí cheana uirre / Is dínáireach an mhaise dhuit é a bheith
ag imeacht ag ól agus ag ragarnaighil as comhair na tíre mar sin, i
leabaidh áird a bheith ar do ghnatha agad /[Is dínaireach de'n tsaoghal
an bhail é sin le cur ar dhuine ar bith. Breagh nach mbacann na
póilíos iad? Is iomdha rud is neamh-chóra dóibh a dhéanamh ná é sin atá
siad a dhéanamh]// Is fada dí-shláinteamhail í, ach bhí sí ag crochadóireacht
léithe go dtí le goirid = eassláinteamhail; mí-shláinteamhail / Tá sé
díshlainteamhail, an díthreabhach bocht // Áit an-dífhascamhail é siúd.
Tá sé ar aghaidh na righteachta = áit gan mórán fascaidh / Is dífhasc
-amhail righte an bóthar é // Tá na gasúir sin aige an-dí-mheabhrach
adeir siad = d'uireasbhaidh meabhrach; gan aon-mheabhair ná
tuigsint ná íntleacht [is minice go fada leas dhá bhaint as seo in
a aidiacht ná in a ainm-fhocal] /[Shílfeá nachar ceart dó a bheith cho
dí-mheabhrach sin. Ba paiteanta an buachaill ar leabhar agus ar pheann
é a athair / Duine dímheabhrach nach mba léar dó dhá gcuireadh sé
stró ar bith ar ghamhain a bhí cho beaithte leis sin, go bplúcfadh sé
é. A phlúchadh a rinne sé: dheamhan ceo eile. Nuair nach raibh sé
ag tabhairt leis an deoch dhá thoildeona fhéin bhí aige leigint dó
ar fad, agus gan a dhul dhá choinneál leis / Duine dall dímheabhrach é
má's fearr mac T. Mh. ná é, agus dhá bhliain aige-san ar mhac T. Mh. agus é
síorraidhe ag dul chuig an scoil / Nach dímheabhrach é mara raibh sé
indon an cheist sin a fhuascailt. Má's mé féin is dímheabhraighe
ar bith d'fhuasclóchainn í sin / Déarfainn ar chaoi ar bith nach mbeadh
aon-ghnatha ag duine dímheabhrach ag pléidh leis an iongás siúd. Bhí
an iomarca boltaí agus cnothannaí agus "wiríní" air, agus mara laimhsigheadh
duine an ceann ceart, ba shin é a mbeadh faoi. Ní fhágfadh an rud
siúd mion mulóg dhó le chéile dhá bpléascadh sé]/ Th'éis gur timcheall air
atá tabhairt amach na mbáid, ní fhaca mé aon-fhear ariamh is dí-
mheabhraighe ar bháid ná é. Níl a fhios aige a dhath in a dtimpeall /
Dheamhan dochtúr faoi sheacht ranna an domhain is dímheabhraighe ná é.

Bhí sé chomh maith dhuit fear de'n bhaile a thabhairt ag breathnú ort leis. / Nach dímheabhrach anois é nach raibh a fhios aige céard a bhí ar an gcarr agus an fhad agus atá sé ag pléidh leo! // Duine dícéillidhe é = aidiacht as dícéille = duine gan aon-chiall /['Sé is dícéillidhe dhá bhfaca mise in mo shaoghal ariamh. Scaoil sé uaidh teach agus talamh ar amhrán. Dhá gcandáladh sé an áit siúd, ghabhfadh sé trí nó ceathair de chéadta punt / Nach dícéillidhe an duinín thú fanacht amuigh de do chailleadh féin a leitheid de lá agus breith mhaith ar an obair sin, ach a dteagaidh lá breagh / Is dícéillidhe an chaoi a bhfuil sé ag caitheamh a shaoghail: ag obair dhá dhearbhráthair annsiúd. 'M'anam ach a n-eirighidh na patairí siúd suas, gur beag é a n-omós dó. Is amhlaidh a chonnaic muid 'chuile lá ariamh é / Nach dícéillidhe an pleoitín thú a dhul ag tabhairt do bhicycle d'fhear nach raibh aithne ná eolas agad air. Níl leath-chirt leat mara bhfeicidh tú aon-dé le do ló aríst air / Gearrchaile dícéillidhe a bhí innte nachar thapuigh é, nuair a bhí deis phósta aice leis sin thiar ar an bP. Dheamhan a ngabhfaidh críoch uirre le aon-fhear go bráth ab fhearr di ná é]/ Is dícéillidhe an rud atá sé a dhéanamh anois muis, ag cur spray ar fhataí agus gan aon-lorga beo ag gabail leo // Tá sí an dí-mheasctha (an ghaoth) = tá sí an-luainneach; ní túisce thoir ná thiar í / Tá an aimsir an-dí-mheaschta. Ní túisce in a shamhradh ná in a gheimhreadh é. Bhí scathamh de'n trathnóna indé go h-aoibhinn, ach chuaidh sé ar ghála annsin ag dul a chodladh dhuinn. Is aimsir í nach bhfuil muiníneach chor ar bith / Bíonn sé an-dí-mheasctha ar a chuid óil. Ní bheadh a fhios agad ó neamh ná néal céard a tharraingeochadh sé agad. Sean-síomálachaí a bhí ann céad bliain ó shoin nó gar dhó a bhíos ag dul 'san gcloigeann air / Tá na ríogachtaí sin dímheasctha thrín a chéile ar fad. Ní túisce mór le chéile iad, ná is mian leo a bheith in árachaí a chéile aríst. Muintir an bhaile seo thiar go díreach! Ar an dá luath agus a ndéanfaidh duine mórtas le duine eile, tiocfaidh duine eicínt eile in a aghaidh / Níl a fhios agam ó Dhia céard atá sí a dhéanamh. Bhí mé ag breathnú uirre ag tochras agus ag díthochras an tsnátha sin le dhá uair, ach ní léar dom cé'n t-údar = a thocras agus a bhaint as a thocras aríst (: unwind it) /

doineann: ainm-fhocal, buineann; geineamhnach uathaidh = doininne.
Doineann: [an fhuirm thabharthaidh — doininn — is minice i gcaint] = droch-uair; gairbhthean; uair mhór; uair dheannachtach; báisteach agus fearadh gráin; gála agus báisteach.

Tá an-doineann ann le seachtain. / Tá sé ag déanamh an-doininn le scáthamh / Tá tú réidh le dhul ann ar an doininn seo. Caith as do cheann é /['Sí an doininn seo a fhágfas arbhar réidh. Ná bac anois leis. Tá tú as aon-cheo a bhalú air / Is millteach an aimsir í míle buidheachas le Dia, le doininn agus gairbhthean. 'Chuile lá ag baint earr agus barr dhá chéile]/ Má's soininn nó doininn é ambáireach, gabhfaidh an ghlaicín féir sin isteach. Diabhal baoghal ormsa a bheith dhá bhuachailleacht amuigh ins an móinfhéar sin níos fuide. Aon-chás amháin é ar aon-chor. Níl aon-athrú in dán do'n uair / Ní féidir buille maitheasa a dhéanamh ag doininn agus ag fuacht. / Sháruigh sé doininn an gheimhridh, tá sé cho dona sin / Ní amach annseo ar an doininn agus ar an dubhluachair atá agad a bheith dhá dhéanamh. Is fhearr duit go fada é a dhéanamh anois 'fhad agus atá sé ag tabhairt anna uaidh go breagh / [fc. sluagh — sluagh le doininn]

Doineannta = aidiacht as doineann = malrait soineannta = garbh; fliuch fiadháin, "coimhigheach", "mór", fuar deallruighthe, in a chithréabacha le gála agus báistigh [Ní bhíonn sé an-choitianta i gcaint]

Is doineannta an uair í. Agus níl aon-dheagh-ghothadh ar an trathnóna anocht ach oiread / Tháinic sé an-doineannta anois le mí. Ní raibh gaisce ar bith air roimhe sin féin / Tiubharfaidh sé an ghealach seo uaidh doineannta anois. 'Bhfeic-eann tú an garrdha atá uirre anocht? Ní maith an dóigh d'fhéar é sin /

Déistean = ainm-fhocal, fireann, tuiseal geineamhnach uathaidh = déistin.
Déistean = fuath, gráin, mí-ghreann, mí-thaithneamh, col, mí-ghnaoi, uais.

Chuir an bhail a bhí air déistean orm. Is gránna an rud fear a fheiceál in a shraith -rín mar sin ar a chuid óil / Chuirfeadh sé déistean ar aon-duine beo len a chuid graiscínteacht' agus brocamais. Níl sé indon dhá fhocal a chur idtoll a chéile, gan ceann aca a bheith tuatach /[Chuir sé gráin agus déistean ar a bhfaca ariamh é agus é ag ithe. Is fiú ór muic le'n 'ais.]/ Ghlac mé déistean air ó chuala mé an méid sin faoi. Níl aon-uair dhá gcasann sé dhom anois nach mhó dhá fhonn a bhíos orm gan seasamh ag caint leis chor ar bith. Tá mé bréan críochnuighthe dhe /

Dol, dola = ainm-fhocal, fireann, iolraidh = dolaí [Fuaim -o i "bog", "col" agus rl. Deirtear dol agus dola agus, i gcéill a (3) dolaí (dolaidh?)]

Dol, dola = (i) iarraidh, geábh, baitse (: batch), sraith nó gála nó sos, tuairt, iarracht, féachaint, traoiáil amháin. (ii) airgead ag dul amach, íocaidheacht, díolaidheacht, rud a bheadh ag glaodhach ort nó ag teacht treasna ort. (iii) díth, díoghbháil, mairg, clóic, mairg [ní h-eolas dom ciall a (iii) a bheith ach in Oir-Thuaiscirt Chondae na Gaillimhe: ceanntar Ghleann na Madadh agus an taobh sin. Bhí an chiall céadna ag an dream ar chuala mé aca é leis, agus atá leis ins an mBunnán Buidhe ": ní dhearna sé díth na dolaidh ins an tír"]

(i) Thógadar dola bradáin arbhú aréir. Chaitheadar ar an abhainn ó oíche go maidin. Níl poll ná linn ná giodán láibe ó Ch. na gC. go dtí D. na mB. nachar shaghd siad. Deirimse leat go ndearna siad sladadh agus sladadh spleádhach freisin, ach thapuigh siad an oíche cheart — an oíche a mbeadh an bheirt is dainséaraighe de na maora ó bhaile. Tuilleadh diabhail ag bradáin muis, mara bhfuair siad garbh anois le coicís é. Is iomdha dola tóigthe ag W. imbliana / Mharbhuigh muid dol mór éisc ins an gcurrach anuiridh: faidhtíní. [Bhí muid dhá gcur tharainn cho tréan in Éirinn agus a bhí muid indon freastal dóib. Ní fhaca mé a leithide de sceanadh orra in mo shaoghal ariamh agus a bhí an lá céadna. Cé'n brígh ach ní raibh deich gcurrach ar meath ó fhágfas tú seo go dteighidh tú go C.]/ Is diabhlaí an dola éisc a d'eirigh le fear an phosta indé. Bhí suas le trí chéad aige, agus gan é amuigh thar chupla uair an chluig. Chaith muid an lá arbhú indé ar fad amuigh agus dheamhan a shúil a bhí againn, i gcruthamhnas duit go mbíonn ádh éisc ar dhaoine thar a chéile. / Níl an uair briste fós. [Níl mórán cosamhlacht claochmú ar an aer sin ó thuaidh. Dola eile sneachta atá air cho siúráilte agus atá cluais ar do cheann = níl an claochmú ar fáil fós (: ó shioc go báisteach). Tá tuairt eile shneachta air / Bhí an t-óganach seo thoir ag rádh liom go mbeadh an-dol máistirí scoile ag teacht amach imbliana. [Beidh a mhac féin réidh an samhradh seo sílim. Cé'n ghnatha atá ag teacht amach aca, agus gan aon-scoil len a n-aghaidh. Nach bhfeiceann tú an bheirt seo thuas atá réidh le trí bliana, agus é ag cínnt orra aon-scoil a fháil fós]/ Tá dola "poor-rates" len íoc agam anois, agus gan fhios agam

ó Dhia anuas cá bhfaighidh mé é. Tá leisce orm scaradh leis an nglaicín mhóna atá annsin thiar agam, nó go n-árduighidh sí romhainn amach. Maidir le beithidhigh, is fear gan faghaltas atá in a gcleitheamhnas anois / Teagann dola leabhar chuige 'chuile sheachtain hébrí céard a dhéanas seo leo. [Dhá mbeadh sé cho maith le Haraí-statail, ní fhéadfadh sé an méid siúd leabhar a léigheamh. Is diabhal -taí go deo an tóir atá aige ar leabhra agus ar phaipéir. 'Sé an chéad-duine dhá chine é a raibh focal scoláireacht' in a phluic]/ Bail ó Dhia ort, níor íoc mé an chéad-dola féin fós imbliana, ní hé amháin an dara dola a íoc. ['Sé an cíos céadna an chloch is faide siar ar mo pháidrín. Cuiridís an sirriam agam má's breagh leo, agus cuirid -ís as an tseilbh mé. Is beag sin agam. Maidir len a mbuachfai{dh} duine ar bith ar thalamh ins an saoghal atá ann, 'sé cuid an bheagáin é]/ Tugaim corr-dhol dhó de réir mo láimhe léar (: de réir) mar a fhaghaim ionbhadh air. Is iomdha dola éisc a d'eireochadh liom marach go bhfuil mo chuid eangachaí roistthe ar fad, agus ní féidir scair eangaighe a fháil anois / Bhain sé corr-dhol asta (: as na bradáin) anuiridh, ach ní mheasaim gur bhuail sé fútha chor ar bith i mbliana. [B'annamh leis arsa tusa, ach déarfainn go bhfuil a dhóthain fáighte aige de'n fhíor-uisce. Tá sé ag fuasaoid scoilteachaí agus is beag an dochar dhó]/ Dola amháin de na h-eangachaí atá aca sin (: ag na Francaigh) agus chíorfaidís cupla míle fairrge leo. Is furasta aithinte é. Thréig an t-iasc an cuan ar fad ó a thaithigh siad sin ann. 'Ar ndú' níl aon-fheithideach beo dhá gcastar ins na h-eangachaí sin nach bhfuil chriogtha cho maith leis an iasc / Bhí an líon ag an dream sin as Gaillimh a bhí ag saghdadh na h-abhann anuiridh. Chuala mé gur thug siad dhá chéad bradán leo d'aon-dola amháin. [Nach beag an rath atá ar do lucht aitheantais, nach mbuailfeadh amach oíche eicínt agus an cleas céadna a dhéanamh. Ba chuma dóib cé'n chaoi a dtiocfadh an bhliain in a dhiaidh]/ Meastú an dtiubharfaidh tú aon-dola as na runnaigh seo atá isteach. Chuala mé go bhfuil siad in a mbáirí le cloich / Beidh sé ins an gcéad dola eile dochtúirí a gheobhas dindiúirí. [Tá sé in am sin aige. Dheamhan lá le mo chuimhne nach bhfuil sé ag dul ag an Árd-scoil sin, agus iad ag rádh 'chuile lá gur gearr uaidh a bheith in a dhoch -túr]/ Tiocfaidh éiliú ar airgead an tighe ins an gcéad-dol eile

cíosa a bhéas len íoc agad. Ná bíodh faitíos ort go bhfailleochaidh siad siúd in a ngnatha. Ní fhailleochaidh muis. Má bhíonn dearmad ar bith orra, ní dearmad uatha é ar aon-chor / Caithfidh sé rud eicínt agad ins an gcéad-dol eile a gheobhas sé de'n udhachta. [Ní féidir nó caithfidh. / Déanann siad dol leis sin scaithtí ach corr-uair é. Tá an t-áirdeall ro-ghéar ann, agus deir siad go bhfuil na maora atá annsin armáilte ar fad. Nach h-olc an ceart ach an oiread le scéal go mbeadh aon-bhaint ag aonduine thar a chéile de'n abhainn. Nach hé Dia a chuir an t-iasc ann, agus ní dhéanfadh Sé oirille ar dhuine thar a chéile]/ Fuair sé an t-airgead sin uiliog in aon-dol amháin, 'chuile phighinn dhe. Ba bhreagh an tsuím airgid é mar sin in éindigh. Bheadh sásamh air / Bhí suas le deich gcinn aca ann in a smístí mín marbh, ach go raibh a gcuid fola ólta. Ba gheall le dol éisc as eangach iad. [Is diabhlaí an t-ár a ghníos an easóig féin]/ Tá dolaí móra airgid aige. [Meastú cá'il sé dhá fháil. Níl a fhios agam nach bhfuil ciste aige in áit eicínt: bheadh ciall in a leithide thar agus daoine eile nach bhfuil ciste ná stór aca]/ Ara níl sógh ná sásamh air ar an gcaoi sin dhá tharraint in a dholaí beaga i bhfad ó chéile. B'fhearr liomsa gan a bheith ag sceidínteacht leis chor ar bith ach a tharraint in éindigh, agus an fhad agus a rachadh sé teigheadh sé annsin, mara seasadh sé ach seachtain / Mara bhfaghann sé é ach in a dholaí beaga fhéin, tá páighe sheasta dó, agus is mór is fiú dhó é sin. [Bíonn sé gearr scaithtí is dóigh, ach cuireann cupla seachtain go dtín a dhóthain é in a dheidh sin]/ Tá sé buailte anois arae ní fhéadann sé an poitín a fháil ach in a dholaí beaga. [Níl sé ann. Marach sin bheadh sé in a ridire faoi seo. Feicfidh tú fhéin air gur b'shiúd é atá deas ar a dhíol, agus nach mbéarfar air ach oiread.]/ Tá sé ag fáil dola mór anois, cupla céad punt nó gar dhó = suim airgid ag teacht chuige. Amanntaí cialluigheann sé tuarastal nó teacht isteach / Tá dola mór dó, ach tá dola air freisin = tá go leor airgid ag teacht isteach dó, ach tá rudaí ag glaodhach nó ag teacht treasna air freisin /[Is áibhéil an dola airgid é sin. Dhá bhfaghainnse an méid sin, chuirfinn ól go h-aer]/

(ii) Tá dola mór air = caitheann sé go leor a chur amach. Tá an-chaitheamh airgid air. / Má tá sé ag teacht isteach féin, tá an dola ann dhá réir. Níl a fhios ag aonduine cá luigheann an bhróig ar an duine eile / Tá a fhios ag 'chuile dhuine céard é do shlí ach níl a fhios ag mórán céard

é do dhola. Sin é an buille = tá a fhios ag 'chuile dhuine céard atá ag teacht isteach duit ach níl a fhios ag aonduine céard a bhíos ort a chaitheamh aríst; ní bhreathnuigheann daoine ach ar do shlí agus ní chuimnigheann siad gur call duit tada a chaitheamh, aindeoin scaithtí nach mbeadh díol do fhreastail agad [leath-fhocal é] / Tá an ceart agad ins an méid sin, ach cá'r fhága tú an dul-amach (fc. amach). Ní beag dhó é sin ach oiread / Tá a fhios ag 'chuile dhuine aca céard é dola an chinn eile má's fíor dóib féin / An bhfuil an oiread agad agus a dhíolfadh do dhola = a d'íocfadh do bhealach / [Tá an coláiste in aisce aige, agus sílim go bhfaghann sé pighneachaí beaga dhó fhéin, ach níl an oiread aige in a dheidh sin agus a dhíolfadh a dhola. Duine an-chríonna é, ach má's eadh féin caitheann a mhuintir airgead a thabhairt dó go minic / Bhí sé in ainm agus an oiread seo céadta punt a bheith ag teacht isteach dó, agus in a dheidh sin agus uiliog, is minic a chonnaic mé é agus gan an oiread aige agus a dhíolfadh a dhola. Diabhal é muis. I gceann a beith chaithmheach dhó, bhí dola mór air]/ Tá siad deiseamhail, ach m'anam má tá fhéin go bhfuil an t-an-dola ar an teach siúd. ['Ar ndú, ní teach é ach beairic. Cé'n chaoi ar dheisigh siad é? Is maith an poll i gcéad punt a chuirfeadh a bhfuil de throscán i seomra amháin ann. Diabhal bréag!]/ Níl léigheamh ar bith ar a bhfuil de dhola air sin in a dheidh sin. [Tá carr agus "lorry" aige ar an mbóthar agus péire capall, agus tá cíos trom agus rates ar an áit sin. Diabhal a fhios agam féin dá bhfanadh sé mar a bhí sé, nach mb'fhearr na gnaithí a dhéanfadh sé. As na tighthe beaga a theightear ins na tighthe móra adeir siad, ach diabhal a bhfuil na tighthe móra gan a ndonacht féin freisin]/ Pé'r bith cé'n t-airgead atá sé a dhéanamh ná nach bhfuil, tá sé báithte i bhfiacha. Is furasta a rádh go bhfuil sé ag saothrú an oiread seo céadta punt. Ach cá'il a bhfuil de chéadta de dhola air. [Tá seisear cloinne aige ag dul ag coláistí, agus measann tusa nach gcoisnigheann siad sin airgead, idir éadach, leabhra agus luach na scoile. Bi siúráilte go gcoisnigheann]/ Níl aon-tSatharn dhá n-eirigheann ar a súil nach mbíonn seifte aice, agus teagann 'chuile leithphighinn di abhaile cé's moite de bheagán a chuireas sí amach ar tae siúcra (: "groceries"). Nach dtiocfadh céad mine ráithe uirre, agus í gan sac gan mac gan muirín. Níl aon-dola uirre ar fiú trácht air / Seo é aríst é. Comhairfidh sib é sin go maith ach ní chomhairfidh sib an méid a chuirim amach leath cho maith. Tá a fhios ag 'chuile dhuine céard é mo shlí ach ní bhreathnuigheann aon-dhuine ar mo dhola / Bíonn a dhola cho mór amanntaí, agus nach mbíonn an teas ag breith ar an bhfuacht aige

/ (iii) cé'n dolaí atá ort? = díth, mairg, clóic agus rl. / Bíonn a fhios ag 'chuile dhuine aca dola(í) an duine bhoicht, ach is beag áird a bhíos aca air, ach a bhfaghann siad iad féin istigh (: ins an Dáil, in a dteachtaí Dála) / Má ghníonn sé dolaí íocfaidh sé ann. Ní cóir a leigint leis. Ro-fhada atá na daoine ag éisteacht leis / Dhéanfadh sé dola dhá bhfaghadh sé cead a chinn, ach ní bhfuair /

Damáiste = ainm-fhocal, buineann. [Fuaim du. u in ubh, luibh, bun agus rl.]
dámaiste = dochar, díobháil, millteanas, mísc, místáid, rud as bealach, foghail agus rl.

Rinne an tóirneach an-damáiste / Ba bheag an damáiste a rinne na beithidhigh ins an ngort / Déanfaidh an cogadh seo damáiste shul a mbeidh réidh dhó / Déanfaidh sé damáiste len a chuid cainte, déanfaidh sin. /

Damáisteach: aidiacht as damáiste.
Damáisteach: docharach, díobhalách, místáideach, tugtharach do mhilleadh, do mhísc agus rl.

Is damáisteach an ruaig shlaghdáin í seo. Tá an tír buailte síos / Nachar dhamáisteach an cleas dó cead scuir a thabhairt dhá chuid gamhna mar sin agus a fhiosacht dó go ngabhfaidís i mbradghail. Ach ba chuma leis / Rud damáisteach é an poitín: fágann sé na daoine gan spré, ach breagh nach bhfanann muid uaidh. Ní chuireann sé aon-fhios orainn marach go dteigheann muid féin chuige, marach go dteigheann sin. Muid féin is measa /

Dainséar: ainm-fhocal, fireann, iolraidh — dainséir. [Fuaim — a gearr go minic, ach is minic freisin a bhíos fuaim geall le ie ins an bhfocal Béarla "die" ar "ai"]
Dainséar = contabhairt, baoghal, tromfhásc, idteannta, sáinn, cruadhchás.

Níl dainséar ar bith ann má ghlacann tú go socair thú fhéin, agus gan aon-fhaitíos a bheith ort. Is beag oilbhéas atá ann chor ar bith / Tá an dainséar ins an ól i gcomhnaí. Ná h-abruigheadh aonduine nach bhfuil / Badh é an dainséar is mó é a raibh mise ariamh ann. Is maith a chuaidh mé as nachar criogadh mé / 'Sé an dáinséar is mó atá ann anois nach ndiúil-fidh sé ar aon-chaora, nó má dhiúileann féin go nglacfaidh siad fuath dhó.

Dainséarach = aidiacht as dainséar = contabhairteach, baoghlach
Is dainséarach an áit a bhfuil sé, dhá sciorradh a chois, i bhfad uainn an anachain agus an urchóid! /

Dolaidheacht = ainm-bhriathar, ainm-fhocal buineann. [In a ainm-bhriathar amháin.
Ní abruighthear "dolaim" agus rl. Focal an-choitianta é is gach uile áit]
Dolaidheacht = dolaí éisc a thógáil le líon nó eangaigh; iasc a thógáil le líon
in inbhear abhann nó áit de'n tsórt sin. Tugtar go h-áirid é ar na
bradáin a tóigtear uair ins an ló nó dhá cheann de ló in imeacht séasúir.
[fc. Dola]

Tá siad ag dolaidheacht thíos annseo le cupla lá. Thóg siad dola mór trathnóna
indé. [Má maireann dóib is gearr go mbeidh na chúig chéad bradán tóigthe
aca. Sin é a bhfuil siad in ainm agus a thógáil de réir an mhargaidh, ach 'ar
ndú' mo chreach, is beag áird a bhéas ar an margadh sin]/ Bíonn siad ag
dolaidheacht in inbhear na h-abhann 'chuile bhliain … [Deir tusa gur beag atá
de barr na dolaidheacht' ag na maora, ach marach go bhfuil meastú an
bhfanfaidís ann. Nach bhfaghann siad na liatháin agus corr-bhradán amach i ndeir-
eadh an tséasúir, idteannta hébrí cé'n pháighe atá dhóib]/ Chuaidh siad siar
oíche ag dolaidheacht ar abhainn Ch. Bhí eangach an-mhór go deo aca. Níl a
fhios cé'n dol a thug siad leo an oíche sin. [Deir siad nach taobh le chúig nó sé
de chéadta a bhí siad … 'Ar ndú' dhá mbeirtí orra gheobhaidís fruisín, ach
níor rugthas. Mo ghrádh iad. Bheadh ciall in a leithidí seach agus an dream
atá thart annseo nach leigfeadh an faitíos dóib breathnú síos thar
shlat an droichid aimsir síolruighthe]/ Bhuail muid amach ag dolaidheacht le
líon scríbe. Bhí an-áirdeall ag na maora ar an abhainn an t-am céad-
na ach dhá fheabhas dhá raibh siad ar a maidí, thug muid as cionn leath-
chéad uatha. Níor dhroch-dhol ar bith é aon-uair an chluig amháin / Dá seaduigh-
eadh sé an chochallóireacht, bheadh rud dá barr aige, agus ní istigh ar thóin an
phríosúin a bheadh sé indiu. Ach bhí an iomarca saint' ins an airgead aige agus chuaidh
sé ar dholaidheacht agus sin é a d'fhága a chosa nighte. [Is beag is ionann an
faire atá ar na srutháin agus an faire atá ar an abhainn.
Ní chorróchadh an t-éan — ní airighim fear agus líon aige — ar an abhainn, nach
mbíonn sé braithte ag na maora, nó mara mbíonn is furasta dóib scéala a
fháil air]/ Is olc an ceart é go bhféadfaidh fear airgid a theacht agus an abhainn
sin a thógáil le h-aghaidh 'dolaidheacht' agus gan comhaireamh na sop le fáil ag
an dream atá tórainneach léithe. [Ach tuilleadh diabhail againn! Nuair a
roinneadh an talamh ní raibh mac an aoin bheo ar an dúithche nachar shaighneáil
an abhainn don bhoc mhór seo thiar. Sin é a d'fhága aiste ó shoin iad. Ach cé'n mhaith ag caint!
Cé'n fios a bhí ag na daoine!]/ Tá an tír bánuighthe ag an dolaidheacht sin. Nach bhfuil
bradáin na h-Éireann uiliog ag dul anonn go Sasana dhá barr? / Tá an-dolaidheacht éisc
annseo thíos i mbliana /

Dólámh, Dóláimh, Dólámhach, Dólámha, Dólúm (: dólom?)
Dólámha: ainm-fhocal; ní bhíonn sé ach iolraidh
Dólámha: gach imreoir ag imirt ar a aghaidh féin i gcártaí, agus gan
páirtidheacht ar bith a bheith ann [Deir Foclóir Uí Dhuinnín
l. 356 faoi dólámh ": a playing in pairs, as at cards; imrimíd
dólámha, let us play in partnerships (two in each party) (Con.)".
Tá mé cinnte nach bhfuil an chiall sin leis i gCondae na Gaillimhe.
B'fhéidir dhó a bheith amhlaidh i gCondae Mhuigheo. Tá sé an-tréan in áiteachaí
i nGaillimh: Camus, Rosmuc, Iorras Ainneach agus rl.]

Dólámha a bhí muid a imirt / An imreochaidh sib dólámha nó an ngabh-
faidh sib i bpáirt. Rud ar bith a thogróchas sib / Nuair nach bhfuil ann
ach an ceathrar againn, ní fiú dhuinn bacadh le páirtidhthe. Is
fhearr an imirt a bhéas ar dhólámha. Cé mhéad a chuirfeas sib air? /
[Ní féidir comhaireamh a choinneál idir seisear le dólámha. Teigidh
in 'u' (: bhur) mbeirteannaí. Ní bheidh an bun amuigh choidhchin má's
dólámha a dhéanfas sib / Chaitheamar an oíche ag imirt dólámha
agus leithphighinn ar an gcluiche. Tá a fhios agadsa gur beag an
ghnóthachan a d'fhéadfadh a bheith annsin. Dhá phighinn a bhí agam
fhéin de bharr na h-oíche]/ Tá a fhios agad go maith nach call
lomadh le seisear ag imirt dólámha agus gan duine ar bith fiche.
Dhá gcoinnightheá do chuileata, ní fhéadfadh sé a dhul amach. Ba
bun istigh é. Ach thug tú tuitim imeartha dhó. 'Ar ndú' ní ghabhfadh
duine ar bith ag lomadh mar sin, nuair nach mbeadh sé in don
lomadh in ath-uair. Cé'n brígh ach thú ar an gcúig! /[Caithigidh
suas na dólámha agus teigheadh muid i bpáirt. Tá an comhaireamh
ag dul amú orm le 'chuile chor. Níor mhór cléireach len a choinneál
comhartha / Ní imreochadh sé ach dólámha mar cuireann sé a shúil
thar a chuid i gcomhnaí. Is mór leis a dhul a roint le duine ar bith
eile. Ní bhíonn sásta dhó, mara gcrapaidh sé fhéin leis ar fad, hé
-brí cé'n sprus phighneachaí a bhíos ann. Tá sé an-ghar dhó féin.]/
Ní imreochaidís dólámha chor ar bith soir. Páirtidheacht a bhíos
ann i gcomhnaí. Dólámha is mó a d'fheicfeá an taobh seo, mara
mbeadh hochtar ann go díreach, agus imrightear dólámha le
hochtar féin scaithtí /

Dólámh, Dóláimh, Dólúm (dōlūm): aidiachta nó do-bhriathra.
[Dólámh is mó adeirtear, ach deirtear dóláimh freisin (
Bearna, Spidéal). Dóláimh adeirtear le ciall a (iii). Deirtear
dólúm le ciall a (i) an-choitianta in áiteachaí i gCois-Fhairrge
(Spidéal)
Dólámh, Dóláimh, Dólúm: (i) i gcomhnaí; d'fheacht agus go h-áirid;
síorraidhe. (ii) as éadan; go tréan; gan iadhadh. (iii) as dóláimh
(le dóláimh): acmhuinneach; go dúbhshlánach, le láimh láidir, go
tuineanta, go h-éagcórach, go tréan, gan aon scíth, go díbhirceach

Bíonn sé leis dólámh (Rosmuc) = [dólúm Spidéal, ach dólámh freisin scaithtí]
Tá sí ag breith dólámh = ag tabhairt páistí ar an saoghal i gcomhnaí, nó go
minic / Caitheann tú an píopa dólámh / Tá tú ag gabhail do'n mhóin dólúm /
Bíonn sé dólúm ag cúirtéaracht / Dheamhan ceo ó neamh atá sé a
dhéanamh ach ag ól dólámh. Níl sé ag tógáil ceann ar bith as anois,
ná dheamhan ceann / Bíonn sé ar an gceird sin dólámh. Ní fhaca aon-
fhear ariamh mar é nach scóthfadh duine gan carra chainte a chur air, agus eadar
shuth a chaitheamh ag seiteamas leis /[Ní bheidh aon-cheo de bharr na
móna mara bhféadaidh duine caitheamh léithe dólámh. Fadó, ní bheadh
call duit a dhéanamh ach a baint agus thriomóchadh sí uaithe féin, ach
tá a fhios ag mo chroidhe go dtigeann an oiread doininne anois
'sa samhradh agus nach mór giollacht mhaith féin a thabhairt di, nó ní
thriomóchaidh sí / In éadan na feamainne dólámh! Is mór an saoth
-ruidhe thú, ach cé l'aghaidh a bhfuil sí agad. Ní chuirfidh tú aon-chaoi ar
a leath choidhchin ach a fágáil annsin nó go lobhaidh sí. Dar príosta
is ort atá an t-uabhar indiaidh feamainne]/ Bíonn an clabaire
sin ar an nathaidheacht sin dólámh. Is acmhuinneach uaidh
daoine eile a chur in árachaí a chéile, má thugann siad áird ar
bith air. Shaghdfadh sé dhá chrích Mhuire in a chéile /[Déanann sé
braonachaí poitín dólámh, ach deir sé nach mbíonn tairbhe ar
bith anois air. Barr daibhchí ar fad é adeir sé liom an lá faoi
dheireadh]/ Dheamhan smeach a ghníos B. ach ag foghlaeracht
dólámh; ná go sílim nach bhfuil sé indon aon-smeach a dhéanamh.
Ó a ghortuigh sé a láimh, tá sí ag dul in a aghaidh ariamh ó

shoin / Ní beo é, mara mbeidh sé ag imirt chártaí dólúm.
Dheamhan oíche dhá n-eirigheann ar a shúil nach gcailleann sé,
ach ní bhíonn aon-mhaith aige ann in a dheidh sin, gan a dhul
ag imirt aríst. Ag súil le gnothachan a chailleas an
cearrbhach, adeir siad / Aon in aon tsúil é, agus in a dheidh
sin, imighthe a bhíos sé dólúm. Tá a shliocht air: níl
tada déanta aige. 'Ar ndú' ní hé a athair atá indon
freastal dhá bhfuil d'obair annsiúd anois / I nG. atá sé
dólámh, hébrí céard a thugas ann é. Ní fhéadfadh gnatha a
bheith aige ann 'chuile lá 'san aer // Bíonn sé leis dóláimh i
gcomhnaí = deir cuid de na daoine é seo = i gcomhnaí, i gcomh-
naí / Ní bhfuigheadh sé saoradh ná séanadh ar a chuid airgid uaidh, ach
ag gealladh dhó dóláimh i gcomhnaí / Goideann sé dólúm //
Bíonn sé ag tarraint anoir dóláimh = as éadan; go tréan
(Bearna) / Bhí sé ag ceilt dólámh = as éadan a chéile (Rosmuc) /
[Tá sé ag cur fheamainne amach dóláimh. Shílfeá agus a bhfuil
tarraingthe anois aige go mbadh cheart go mbeadh a bhfuil
ag gabhail leis sean-leasuighthe / Tá móin ag imeacht anois
de bhóthar Sh. Ú. dólámh. Níl cinneadh go deo le'r imigh de mhóin
as le mí. Tá sciobadh uirre anois. Dhá seasadh na daoine ó
lucht na lorries, ghabhfadh sí airgead thar mar atá sí ag dul /
Bail ó Dhia ort féin agus ar do chuid fir fánaighe! Ní bhfuightheá
fear fánaighe anois ar ór ná ar airgead. Tá siad ag lascadh
dólámh go Sasana / Má sheasann an sneachta seo cupla lá
eile, nó an biadhú seo féin, ní bheidh éan 'sa gcomhaireamh
ceann. Tá sé dhá gcriogadh dóláimh. Tháinic cheithre cinn de
dhruideachaí isteach ar an urlár indiu, agus ní raibh ann ach go
raibh siad istigh nuair a cailleadh iad]/ Marbhóchaidh siad na Gear-
mánaigh dólámh anois, ó d'eirigh leo a bhfáil faoina spreacadh.
Is iomdha créatúlacht a rinne na diabhail ariamh, agus níor fhreag-
air Dia orra é in a dheidh sin. Ach níl againn a rádh ach tús na
breithe ag Mac Dé! / Dar fiadh muise, tá muid ag ídiú plúir
dólámh. Agus tá caint go n-árdóchar é, agus go bhfuil sé ag dul
'un gainne. M'anam má theigheann go mbainfear cuid de na

daoine as a gcleachta, go mbainfear sin / Tá tú ag cumadh
bréag dólámh a dhiabhail. Nach gránna an chaoi dhuit a bheith ar an
gceird sin igcomhnaí / Tá na beithidhigh ag imeacht air dólámh.
Chreidim gur díleághadh nó smál eicint é, atá ar an duine bocht //
Chinn sé dólámhach orm é a dhéanamh (: Rosmuc) = amach agus amach =
thar éis mo dhíchill = chinn sé dólámh orm (Spidéal) / Chinn
sé críochnuighthe dólámhach orm é a thógáil, té (: cé) go ndeachaidh
mé fhoisceacht rud ar bith dhó. Ach ní fhéadfainn a chur ar
bruach th'éise sin, dhá naomhtaí mé /[Tá sé ag cinneamhaint
críochnuighthe dólámhach orainn ceart ar bith a bhaint dhe. Má chuir-
tear comhairle ar bith air, is mian leis a dhul ar achrann. Níl a
fhios agam ó neamh na néal céard a dhéanfas muid leis]/ D'fhéach
sé mé dólámhach a chur in aer 'léis (: tar éis) nach cheal
a shaothruighthe é. Ach tá an-scráib-neart ann. Agamsa atá
a fhios é /[Chinn sé críochnuighthe dólámhach ar J. an bulán a chur
amach as an ngarrdha, th'éis cho danra agus a bhí sé in a éadan. Leag sé
trí bhearna dhó, ach ní ghabhfadh sé amach i gceachtar aca ach soir
agus siar an garrdha, nó go raibh J. sáruighthe ceart aige. Annsin bhí
ath-obair air, ag árdú na mbearnaidheachaí aríst. D'imigh leis
go nglaodhfadh sé ar chongnamh. Ach ní raibh sé bailighthe anuas lúib-
inn an bhóithrin nuair seo anoir an bulán, agus leagann sé brúisc
de'n chlaidhe agus amach leis gan iarraidh gan athchuinge!]/ Chuaidh an
dorugha i bhfastódh 'sa stupóig agus chinn sé orm dólámh a thabhairt
liom nó gur bhris mé é. Cé'n bhrigh ach bhí breac breagh buailte
agam /[Chinn sé críochnuighthe dólámhach ar J. Bh. "lorry" a
thabhairt 'sa mbóithrín sin cheana agus ó thárla nach dtug sé
sin ann é, tá sé fánach ag aonduine eile a thabhairt ann.
Ghabhfadh J. le "lorry" ar dhroichead spioróide. Tá an bonn
uilig ag craitheadh faoi, ach 'ar ndú' is furasta aithinte agus é
déanta ar thonn-fhriuchóig / Cinnfidh sé dólámh
ort an t-asal sin a cheannsú, mara gcuiridh tú ar stábla
é agus neart ocrais a thabhairt dó. Deirimse leat gur gearr
a bhéas sé sin dhá fhágáil ar bheagán macnais. Bhí asal
agamsa agus bhíodh sé ar an gceird chéadna … // Tá sé dólámh-

ach dhá dhéanamh = tuineanta, díocasach, díbhirceach, dícheallach, ar a shean-neart, go dubhshlánach / Is togha fear oibre é. Coinneochaidh sé leis go dólámhach / Is diabhaltaí dólámh -ach a chaith sé in éadan na gclochar sin suas, nó gur réidhtigh sé amach idtigh diabhail iad. Dar fiadh 'sé atá i riocht bail ó Dhia air. Tá mé ag ceapadh nach n-iarrfadh sé aon-scith dhá lá a shaoghail ach ag ordlaidheacht (: ɘurʟīxd) /[Tá sé dólámhach ag scrathadh portaigh indiu. Bainfidh sé móin anois mar déarfá leis é, go ceann seachtaine agus fágfaidh sé caithte ina cora annsiúd í gan aon-scaradh choidhchin. Sin é an rud a ghníos sé 'chuile bhliain beo / Shílfeá go bhfuil sé thíos ag saothrú sléibhe dólámhach. Dar fiadh muise féachfaidh an mhuing siúd leis é freisin. Sí atá deas air / Tháinic sé isteach an oíche faoi dheireadh, agus bhí na gearrbhodaigh seo thíos istigh ar cuairt. Ní raibh sé mórán leis an naoi a chlog. Spréach sé. D'fhuagair sé go raibh sé thar am codlata. Shílfeá go dtiubharfadh sé na diabhail de'n Chruaich ag strócadh ag iarraidh an pháidrín a rádh. Chuaidh na gasúir ar a nglúine. Shíl siad gur páidrín dólámhach a bhí sé le rádh … = go raibh sé len a rádh as dubhshlán, agus go n-abróchadh sé é, ba chuma cé'n treampán a chuirfí air]/ An claidhe dólámhach atá tú ag brath air a dhéanamh annsin? Cé'n tsamhaoine dhuit thú féin a mharbhú leis. [Nach bhfuil a fhios agad gur gearr go mbain-fidh tú stangadh asad féin le na clocha móra sin, mara nglacaidh tú t'ionbhadh nó go bhfaghaidh tú congnamh. M'anam nach ceird do dhuine a bheith in a scanrachán mar sin]/ Tá sé ag déanamh bóthair dólámhach isteach 'sna garrantaí thoir. Má tá féin, ní gan í gan ó é. Tá clocha i dtalamh annsiúd agus ní bhainfidh a cheann-finne iad. Ach beidh sé siúd ag tuineamh leo nó go gcuiridh sé as ar uain nó ar éigin iad. Tá sé an-dubhshlánach nuair a chaitheas sé rud in a chloigeann /[Ghléas sé an capall agus amach leis dólámhach len a cur faoi'n gcarr: capall nach raibh faoi aon-charr ariamh. Ní raibh aon-mhaith é a bhacadh. Dar príosta, bhain sé a ceann di in a dheidh sin, agus gan duine na deoraidhe aige ach é féin]/ Tá sé ag foghluim dólámh

-ach. Dhá bhfeictheá annsiúd é agus a chual leabhar aige in éadan an bhuird agus ní bhreathnóchadh sé ort, dhá mbeitheá ag marbhú mairt ach ag foghluim leis // Tá sé dhá dhéanamh sin as dóláimh (le dóláimh) anois. Má chuireann aonduine aon-araoid air, 'sé an chaoi a dtosóchaidh sé ag "dáráil" (: daring). Nach olc an croidhe atá aige. = duine a bhí ag déanamh rud as bealach go h-éagcórach, go dubhshlánach, agus le láimh láidir / Bhí sé thoir annsin ag cara na mbradán agus camóig aige, agus é dhá gcaitheamh thairis (: na bradáin a bhí á fhastú) as dóláimh = bhí sé dhá gcaitheamh suas cho tréan in Éirinn agus a bhí sé indon / Bhí M. Mh. ina sheasamh annsiúd, agus gacha le dorna aige orra agus é dhá leagan le dóláimh. Dheamhan rud a chonnaic tú ariamh mar é. Chuaidh sé tríotha mar thiocfadh seabhac thríd bhulc druid-eachaí /[Bhí sé seo thiar muise thíos ar an gcarraig indiu agus é ag cur bhallaigh aníos as dóláimh. Ní fhaca tú aon-bhualadh ariamh mar a bhí orra, scaithín th'éis am dinnéir, ach ó a thosuigh sé ag tuileadh, níor fhan freagairt ar bith ann. Bhí sé cho maith dhuit a bheith caithte amach ar thulán le 'bheith ann]/ Sin é an chaoi a bhfuil sé anois, cuirfidh sé amach a bhfuil 'sa teach le dóláimh. Ach a mhaisce féadfaidh sé ó atá "saighneáil" (: signing) faighte aige ar an áit. Is mór an díol truaighe na dílleachtaí bochta eile. Nach diabhlaí nachar chuir an t-athar contar eicínt sa n-udhachta, ach tá sé mall anois … /[Tá sé ag déanamh cloinne as dóláimh. Chreidim gurb sheo é an cúigeadh duine aige anois. Nach maith an t-údar é sin! Agus dheamhan ceo caidéise atá sagairt ná dream ar bith eile a chur air. Ach tuige a gcuirfeadh! Caitheann sé lán laidhre aca …]/ Chonnaic mise iasc glas istigh ann-sin thíos bliain. Bhí líonta cléithe agus camógaí agus 'chaon tsórt againn in a n-éadan. Tháinic siad aníos cho fada faoi dheireadh agus faoi dheoidh, agus nach raibh ort ach seasamh 'sna locháin, agus a bheith dhá gcaitheamh thart suas ar an talamh tirm le dóláimh. Ní fhaca mé a leithide de chaoi orra ariamh. Tá sin anois cheithre bliana fichead go h-am seo /[Ara dheamhan thiomanta claidhe ná fál ar an mbaile nach bhfuil leagtha aice sin thuas as dóláimh agus gan goir ag duine tada a rádh in a dheidh sin, mara leat a bheith marbh]/

Domhainn (: dəu:ɴʼ): ainm-fhocal, buineann, geineamhnach uathaidh: na doimhne (devʼɴə : dəivʼɴə); ach is annamh é is san tuiseal geineamhnach. Doimhneacht: (devʼɴəxd : nó dəivʼɴəxd): ainm-fhocal, buineann, tuiseal geineamhnach uathaidh: na doimhneachta.

Domhainn = an fad ó'n a bhéal go dtín a thóin atá rud, nó ó'n a uachtar go dtín a íochtar (claise, talamh, fairrge, bairille, tobar, intinn duine agus rl.); i lár áite; deireannas.

doimhneacht: mar a chéile é agus domhainn ach gur cinnte é doimhneacht agus gurb as is mó a baintear leas le na réamh-fhocla. Tá idirdhealú eatorra ar bhealaighe áiride freisin .i. doimhneacht na fairrge (: depth of the sea), domhainn na fairrge (: the deep seas). Deirtear "cé'n domhainn é" agus "cé'n doimhneacht é" cho maith le chéile, ach chítear dhom, nuair adéarfaí "cé'n domhainn é" nach bhféadfaí a thabhairt faoi ach buille faoi thuairim, cuirim igcás, an fairrge, criathrach, talamh nó a leithidí. "Cé'n doimhneacht é": is féidir a bheith níos barrainnighe faoi, nó d'fhéadfaí a thomhais .i. bonn tighe, portach, uaigh, bairille agus rl. Baineann domhainn go h-áirid le rudaí atá síos faoi dhromchladh an domhain. Baineann doimhneacht le rud ar bith, soithigh, scéal, intinn duine, caint agus rl. Ní bhainfeadh domhainn mar ainm-fhocal leo sin. [Níl aca ach an t-aon aidiacht]. Cho fad agus is léar dom is mar sin atá sé thríd agus thríd i gcaint na Gaillimhe, aindeoin gur beag idirdhealú is léar do chuid mhaith cainteoirí, ach de réir mar a theagas an chaint leo /

Cá'il an domhainn atá is an easca! An bhfeiceann tú é sin chor ar bith? = tá an easca an-domhainn / Shílfeá nach bhféadfadh fear Achréidh an domhainn sin (: de phortach) a bhaint as ucht. Mara mbaineann sé a leath an chéaduair, agus a dhul síos agus an leath eile a bhaint annsin / Níl domhainn ar bith is na portaigh atá againne. Bhainfeá an tríomhadh barr ionnta ar eigín. Dheamhan ceo leis /[Ná bac le domhainn 'sa talamh sin! Tá tú go leic ar an bpuínte / Is beag an domhainn chor ar bith atá 'sa ngarrdha thiar. Tá an chloch leis is 'chuile áit ann]/ Leacachaí uiliog atá

in íochtar an bhaile. Níl a ndóthain do dhoimhne (domhainn freisin) ionnta le cur / Ní mórán domhainn chréafóige atá annsin chor ar bith. Beidh tú go gaineamh ruadh ann le dhá spreab / Má fhaghann tusa an domhainn ann, sin é a bhfuil uait. /[Níl a fhios cé'n domhainn atá 'sna portaigh sin. Portaigh easca. Chuaidh mise naoi mbarr cheana 'sa gcloigeann i bhfus de mo phortach féin, agus ní raibh tús ná deireadh leis / Níl ort a dhul ann ach domhainn na láighe nuair atá tú ar an mbonn dubh sin : bonn móna. Is dóigh gur talamh móna a bhí ann roimhe seo.]/ Cé'n domhainn a chuaidh sibh ann? (nó cé'n doimhneacht a chuaidh sibh ann) / Is olc an áit roillice é sin, dar fiadh. Níl domh-ainn ar bith 'sa talamh sin // Bhí mé amuigh indomhainn an criathraigh uiliog, nuair a ghoin m'aire mé. Ach bhí sé mall agam an uair sin a theacht ar ais = amuigh i lár an chriathraigh; i bhfad amach ar an gcriathrach / Déanann siad amach ar dhomhainn an chriathraigh uiliog é, amach taobh amuigh de chlochar É. / Má theigheann tú isteach indomhainn na h-easca sin, tá an tseamair Mhuire agad, má fhéadann tú a theacht amach. Tá sí sin cho bog le gruth fút /[An té a ghabhfadh amú ar dhomhainn na gcriathraigh sin ar cheo, ghabhfadh sé righte leis a theacht slán as]/ Ní shásuigh-eann uair ar bith é a bheith amuigh ach ar dhomhainn na h-oíche = amach deireannach nó i lár na h-oíche / Céard a bhíos sé a dhéanamh ag ruathrúch mar sin ar dhomhainn na h-oíche. Shílfeá go mbadh chóra dhó a bheith in a chodladh / Bhí muid amuigh ar an domhainn, ach, má bhí féin níor eirigh faice linn = ar an meath-mhóir; i bhfad amach is an bhfairrge; ar chaoláire na Gaillimhe, bheitheá ionann agus leath cuain (: leath bealaigh treasna idir Gaillimh agus Condae an Chláir sul a mbeitheá ar an domhainn /[Is deas é mo churachóir muis! Dheamhan a chos sin a thiubharfadh an domhainn amach air féin dhá bhfághadh sé Éire bronta air / Thug sé an domhainn amach air féin 'sa mbáidín iomramha ar maidin. Ní fheicim anois chor ar bith é / Feicim dhá churach amuich ar an domhainn. Cé h-iad féin meastú?]/ Ní leigfeadh an faitíos dó a dhul amach ar dhomhainn an chuain sin, ní áirighim

a dhul ar dhomhainn sean-fhairrge = [domhainn na sean-
fhairrge = amach uile go léireach ó'n talamh is fuide
siar in Éirinn .i. ó Leitir Mealláin, nó Árainn nó
Iorras Ainneach nó Iorras Mhór] / Tháinic sé ina lom
gaoithe adtuaidh orra, agus cuireadh amach ar dhomhainn
na seiscinne iad. Leig siad do'n churach imeacht 'sa bhfeacht
faoi thoildeona Dé /[Chaithfeá a dhul amach ar an domhainn
mhóir (: amach an-fhada) le iasc mór mar sin a mharbhú.
Ní thaobhuigheann na cnúdáin ná na colmóirí ná na
brain an cladach chor ar bith / Thosuigh an bheirt ag iom-
ramh in aghaidh a chéile: duine aca dhá cur go Condae an
Chláir, agus an duine eile isteach. Sílim gurb é M. B. a bhí ag
iarraidh a dhul go Condae an Chláir. D'eireochadh dhó: bhí bara
na h-imirce ariamh faoi … Céard sin ort? Nach raibh siad
amuigh ar an domhainn mhóir — cuid is mó ná leath cuain /
Ní bheadh sí indon a bharraidheacht ar an domhainn in a dheidh
sin. Bíonn brachlainneachaí móra fairrge ann leithide an
lae indiu / Má tá fút a dhul ar an domhainn níor mór dhuit
cuid is mó na sin de dhorugha. Cúig nó sé d'fheadhanna eile /
Dhá n-eirigheadh sé dhuit ar an domhainn, dheamhan cladach a
d'fheicfeá go ndéanfadh Dia Diarmuid díot. Ná baoghal a bheadh
ort!]// Cé'n doimhneacht a bhí an tobar nuair a chart sib é? /
Cé'n doimhneacht í an chlaise sin thoir? Chúig troighthe? / Níl
trí troighthe ar doimhneacht is na h-uaigheannaí siúd / Tá sé
h-ocht dtroighthe ar doimhneacht / Tá gearradh air atá dhá
orlach ar doimhneacht / Tá an fhairrge cheithre feadh déag
ar doimhneacht ar an muráite a raibh muid indiu / Cé méad
ar doimhneacht a rinne tú é? / Níl do phortach-sa an
oiread céadna ar doimhneacht agus atá mo phortach-sa = níl
an domhainn chéadna in do phortach-sa agus atá in mo phortach
-sa / Tá an áit sin in a dhiabhal le doimhneacht / Cé mhéad
de dhoimhneacht atá aige ar an áit a raibh muid an lá faoi
dheireadh? / Ní mór duit poll a dhéanamh indoimhneacht
claise (: cho domhainn le claise) len a aghaidh / Is mór an

doimhneacht atá 'sa talamh sin thar mo chuid-se / Ní
fuláir duit a dhul doimhneacht mhaith leis, leis an ath-fhód
a chur aníos. / Tá an garrdha sin amuigh muis ar beagán
doimhneachta l'aghaidh cur de'n tsórt sin / Caithfidh tú
a bheith ar t'aireachas féin ag an doimhneacht atá
in áiteachaí 'sa tráigh sin le linn lán-mhara /[Féadfaidh
tú a dhul do dhoimhneacht fhéin amach, sul a mbaintear
annsin thú. Ná bíodh faitios ar bith ort. Níl an fhairrge
go dtí t'imleacán fós, a dhuine! / Is mó an doimhneacht
adeir siad an fhairrge in áiteachaí annsin amuigh ná
taobh thiar de L. M., an áit a bhfuil an tsean-fhairrge /
Tá doimhneacht in do chuid cainte / Bíonn doimhneacht
agus meadhchan 'sa méid adeireas sé [ní féidir domhainn
a rádh leis seo] / Níl doimhneacht ar bith ann, in a dheidh
sin. Tá a fhios ag 'chuile dhuine céard atá in a chroidhe]/
Bhí doimhneacht i gcaint na seandaoine, nach bhfuil i
gcaint na ndaoine atá anois ann, dhá mhéad foghluim
agus gaisce iad / Ní caint ar sraith atá aige a mh'anam.
Bíonn doimhneacht mór in a sheanmóir / Tá doimhn-
eacht in a intinn sin nach mbeadh a fhios ag duine dhá
gcaitheadh sé dhá lá a shaoghal in a bhuil / Caithfidh tú
domhainn (doimhneacht) a chur ann thairis sin /

Domhainn (: dəu:ɴ ′): aidiacht ag freagairt do "domhainn"
"doimhneacht". Tá dhá shár-chéim aige "(is domhainne", "is doimhne")
cé nach bhfuil ann ach an bun-chéim amháin: domhainn. Tá
roint de'n idir-dhealú a sainigheadh thuas idir "domhainn"
"doimhneacht" mar ainm-fhocla, le brath i mbreis agus i sár-
chéimeanna an aidiachta, cé nach bhfuil sé cho cruinn sin
féin. Domhainne: an t-aidiacht iolraidh.
domhainn = doimhneacht a bheith i rud (: fairrge, talamh, buicéad
bróga, oíche, intinn agus rl.); i bhfad amach, mall, deireannach.

Chaithfinn amach thú is an bpoll is doimhne 'sa bhfairrge / B'fhearr
dhuit bró-mhuilinn faoi do mhuineál agus thú caithte amach sa

bpoll is doimhne 'sa bhfairrge, mar adubhairt an sagart ná a bheith ar cheird de'n tsórt sin. 'Sí an cheird dheireadh í / Talamh an-domhainn é /[Shílfeá go bhfuil an bhróig sin an-domhainn / Tá a dhruim an-domhainn = lagán mhór innte / Tá leicne domhainne aige = lagáin domhainne in a leicne / Tá an teach siúd an-domhainn = déanta i ngleann / Cladach domhainn atá annsin thíos / Caitheann siad a dhul amach anois ar na criathraigh domhainne leis an bpoitín a chur i bhfalach. Poitín gan sásamh é / Teigheann siad sin ag iascach amach ar na fairrgí domhainne is na báid mhóra sin / Caithfidh muid a thabhairt amach ar an bhfairrge domhainn lá eicínt. Beidh sé an-lionruighthe annsin. Ní raibh sé ach ag imeacht le cloich fós]/ Tá an capall sin an-domhainn in a druim / Tá sé istigh ro-dhomhainn agad / Nach diabhaltaí domhainn a chuir tú ann é / Gearradh domhainn é / Chuaidh an dealg an-domhainn in mo chois / Chuir sé an buidéal an-domhainn 'sa móta. Nuair a chuaidh mise ar a thóraidheacht. Fhobair nach bhfuighinn chor ar bith é / Tá sé domhainn sa talamh indiu. = tá sé curtha 'san uaigh /[Is domhainn idtalamh atá an duine bocht anocht, go ndéanaidh Dia trócaire air / Nach bhfuil S. É. domhainn 'sa talamh le fada an lá / Ná bac le S. Ph. Mh. Tá a cuid bainne sláinte ólta. Is gearr gur domhainn i dtalamh a bhéas sé / Bhí sé an-domhainn i bhfairrge indiu = an-fhada amach / Ná teigighidh domhainn i bhfairrge anois Dia aithnighthear! / Tá an eitinn go domhainn in a chnámha = tá sí in ainsil air / Ní raibh aon-ghoir agam corruighe a mhic ó agus an slaghdán bradach sin go domhainn in mo cnámha / Is furasta le 'chuile ghalra a dhul domhainn i gcnámha na ndaoine anois, má's in ísle bhrígh atá siad thar mar a bhí siad fadó. 'Chuile líne ag dul 'un míne, adeir siad / Má theigheann an cailín sin domhainn 'sa gcnáimh aige, gheobhaidh sé fuighleach le déanamh agus a cur as a chrioslaigh / Is fear é a bhfuil an bás go domhainn 'sa gcnáimh aige, nó is fear mise a bhfuil mearbhall orm.

D'imigh sé ar an uisce bruithte uiliog ó a chonnaic mé cheana
é / Tá an t-éag go domhainn ann cheapfainn / Diabhal mo
chos-sa a rachas ann. Tá sé amach ro-dhomhainn 'sa sliabh / Nach
thú a chuaidh domhainn 'sa gcaint? / Tá íntinn an-domhainn aige /
Tá an chaint sin ro-dhomhainn domsa / Deir siad go bhfuil
an scearacháinín beag sin an-domhainn i bhfoghluim / Má
theigheann sib anois ar chaint dhomhainn tá sé cho maith
dhomsa eirighe as /[Nach domhainn atá tú ag dul 'sa scéal.
Eirigh as anois / Is mian leis a dhul an-domhainn iscéal
ar bith a tharraingeochas duine anuas. Bíonn sé ag
iarraidh an iomarca údair ar fad / Tá sé an-domhainn
'san oíche = deireannach, mall [is iondamhla mar seo é ná
mar ainm-fhocal]]/ Ní fiú dhuinn a fhágáil
in a ndiaidh (: ar ndiaidh), ar scáth a bhfuil ann, ach tá sé
an-domhainn 'san oíche /[Marach cho domhainn agus atá sé
d'imreochadh muid cluiche eile, ach tá sé mór a dhul ag
coinneál teach ar bith in a ndúiseacht níos fuide / Is fhearr
duit fanacht mar atá agad go maidin. Tá sé ro-dhomhainn
'san oíche anois le dhul 'sa tabhairt sin]/ Ní obair do dhuine
ar bith a bheith amuigh domhainn 'san oiche, agus gan a fhios aige, go sábhálaidh
Dia sinn, céard a chasfadh leis. Mara mbeadh cruadhóg ar bith eile air
go díreach! Má bhíonn ní baoghal dó a bheith amuigh /

Doimhniú (: dəiv ′ɴ ′ū : dev ′ɴ ′ū): briathar as "domhainn" = a dhéanamh domhainn.

Breagh nach ndoimhnigheann sib an tobar sin, agus ní thriomóchadh sé aon-lá
'sa mbliain. Ach níor glanadh fhéin anois é le na cianta / Shílfeá go bhfuil
an scáine sin ag doimhniú 'sa mballa. Tá an balla sin scartha uiliog.
Is gearr an seasamh a dheanfas sé, mara leagtar go talamh é agus a
dhéanamh as an nuadh /[Ní mór dhuit an chlaise a dhoimhniú thairis sin.
Nach bhfeiceann tú go bhfuil sí calctha uilig. Níor baineadh an fód
marbh di le fada an lá / Doimhneochaidh mé an chuid íochtair de'n phortach
agus caithfidh mé an cúntar sin as ar fad. B'fhéidir go dtarraing
-eochadh sé an t-uisce annsin.]/ Ní imbéal an tóchair atá
agad a doimhniú chor ar bith, ach doimhnigh thíos ar an taobh eile í.
Níl an tóchar tachttha chor ar bith /

Doirseóir (: dors¯ˈōrʼ : rs¯ˈ Chois Fhairrge, nó dorsōrʼ): ainm-fhocal fireann; geineamhnach uathaidh: an doirseora; uimhir iolraidh: doirseoirí doirseóir: fear dorais; fear arbh í a cheird freastal do dhoras, dhá oscailt agus dhá dhúnadh de réir mar a bheadh cáll leis.

Ní leigfeadh doirseoir an "hotel" isteach muid / Bhí sé in a dhoirseóir idteach mór i Sasana / 'Sé D. a bhí in a dhoirseóir, agus ní eiteochadh sé neach an aoin faoi dheoch. Dhá mbeadh fear an tighe fhéin ann, ní bheadh an oiread sin buige shíneadh ann, ná baoghal air /.

Domhan (: dəu:n): ainm-fhocal, fireann; geineamhnach uathaidh agus uimhir iolraidh : domhain.
domhan = saoghal [is féidir leas a bhaint as saoghal igcuid mhaith de na cainteannaí a dteagann domhan isteach ionnta]; an chruinne

Shiubhail sé an domhan / Is beag de'n domhan a chonnaic mise ach an oiread leat féin / Tá fúm an domhan a fheiceál, shul a bhfuighidh mé bás / Shílfeá gur leis an domhan le' bhfuil de fhloscaí aige / Is iomdha domhan ann thar an domhan, seo adeir siad / Ní bhfuigheadh an domhan an ceann is fhearr air sin, adeir siad / Tá bárr ar an domhan aige ag "bacsáil" / Tá barr ar an domhan ag an Rúis anois / Tá sé ag troid 'san domhan thoir anois / Cailleadh é in áit eicínt 'san domhan / Chloisfeá san Domhan Thiar é ag béiceadhach /[Tarraingeochaidh sé an Domhan Thoir agus an Domhan Thiar orainn, má chuireann muid mí-aighneas ar bith air / Nach 'san domhan thiar atá an áit sin? / Chuirfeá do'n Domhan Soir de shéideoig é. Duinín éidtreoireach atá ann / Chuaidh sé do'n domhan thíos (do'n domhan síos: an domhan faoi'n bhfairrge, faoi'n talamh, Ifreann. Bíonn caint air go minic i sean-scéalta)]// Ó! Chuaidh Cromail do'n Domhan Thíos, agus ba mhaith an aghaidh sin air / An raibh aon-phriocadh ó'n domhan thíos = priocadh ó bhreac / Níl cor ar bith 'san domhan thíos. Is olc an rud a bheith caithte amach ar pholl gan freagairt, adeir siad / Níl sé ó uachtar an domhain go dtí íochtar an domhain an té is measa ná é. Bí siúráilte dhó sin = níl sé ann agus rl. / Níl sé ó uachtar an domhain go dtí íochtar an domhain an té is fiuntaighe ná é, an té a mbeadh aon-bheann aige air / Bhí an domhan iomlán

(an domhan fré chéile, uiliog go léireach, ar fad, ó íochtar go h-uachtar, ó sháil go rinn, ó bhun go barr, agus rl.) siubhalta aige / Dá dtugthá an domhan mór (an domhan) dó, d'iarrfadh sé tuilleadh / Dhá bhfaighteá an domhan, ní shásóchadh sé thú / Thiubharfainn an domhan ar dheoch ach a fáil / Thiubharfainn an domhan ar amharc a fháil air / Bhí sé ar fud an domhain / Níl aon-teanga ann ach an Béarla in a dheidh sin. Thiubharfaidh sí ar fud an domhain thú /[Tá a cháil ar fud an domhain is 'chuile áit anois / Bhí currachaí an domhain amuigh indiu = go leor aca / Bhí asail an domhain ag grágghail aréir / Tá cearca an domhain aice fós, th'éis ar thug an sionnach uaithe / Tá mná an domhain ar an mbaile sin anois / Feicthear dhom go bhfuil "gaedhilgeoirí" an domhain annseo soir / Bíonn mná rialta an domhain sínte ó chluais go rioball thíos ar Bh. na T. 'chuile lá. Dheamhan an féidir an cladach a thaobhachtáil aca / Tá féar an domhain amuigh imbliana / Bhí móin an domhain agam anuiridh, ach chinn orm caoi a chur ar a leath / Tá iasc an domhain aige de bharr an lae indé / Tá airgead an domhain aige ingeall ar an udhachta sin a fuair sé / Tá talamh an domhain agus a leath ag dul i bhásta cheal a shaothruighthe / Tá caoirigh an domhain amach ar na criathraigh anois]/ Tá sliabh an domhain ag an mbaile sin. Sin é atá ag bualadh na ndaoine annseo, nach bhfuil sliabh ná barr baile ar bith aca a gcuirfid -ís beithidhigh sheasca air / Tá olc an domhain air anois, ach is furasta sin a chur air, arsa tusa / Bhí cuthach an domhain air, nach raibh sop ar bith ann roimhe fhéin / Tháinic faitíos an domhain uirre, agus gan call ar bith dhi leis / Tá fuacht an domhain 'sna cosa orm ó d'fhliuch mé mé fhéin ar maidin / Bhí ríméad an domhain air trathnóna / Bhuail meanmna an domhain é, nuair a chuala sé go raibh na mná ar fáil / Bhí an domhan éadaigh tharm aréir, agus mar sin fhéin, bhí fuacht orm / Tá an domhan cairrgín bainte aige le seachtain / Seasfaidh sé an domhan óil indiu = go leor / Tá an domhan airgid aige hébrí cé'n scéal é / Tá an domhan claidheachaí leagtha síos le cladach /[Bhain mé an domhan sceach ann anuiridh ach níor mhór a mbaint aríst imbliana. Ní féidir cúl a choinneál orra / Bhíodh an domhan liagracha in mo mhuinéal fadó, ach níor airigh mé le fada anois iad buidheachas le Dia / Tá an domhan cainte aige / Bhí an domhan sáraidheachta ar siubhal ann / Chaith sé an domhan báistighe aréir / Rinne sé an domhan sneachta anois, le blianta beaga anuas]/

[Ní abruighthear "an domhan uilc", "an domhan feirge" agus rl.] / Tá sé an-mhór de'n domhan / Fear an-láidir de'n domhan a bhí ann = fear an-láidir go deo / Tá an-eolas de'n domhan aige ar na báid / Gasúr an-chruadh de'n domhan / Tá sé an-olc de'n domhan / Bhí sé an-tsaidhbhir de'n domhan scathamh, ach thug an drabhlás a chuid féin uaidh déar-fainn / Páistí an-ámhuilleach de'n domhan iad. Tá a láimh aca is 'chuile shórt / Tá sé an-deacair de'n domhan é a dhéanamh /[Bean an-fholláin de'n domhan a bhí innte. Sin é a sheas di / Bhí muca an-daor de'n domhan indiu, ach maidir le beithidhigh, ní raibh fear a bhfiafruighthe ann / Tá deiseannaí "bicycles" an-ghann de'n domhan anois. Níl aon-ghoir a bhfáil chor ar bith / Tá an madadh sin aige an-oilbhéasach de'n domhan / Bean dubh-bhreagh de'n domhan í [ní bhíonn an leagan seo le aidiacht gan réimmír fearacht an- dubh-, fíor- agus rl. a bheith leis an aidiacht] / Rinne sé torann mar a bhuailfí dhá chlár an domhain faoi chéile = fothramán gártha / Shílfeá gurb iad dhá chlár an domhain a bhuailfí faoi chéile nuair a phléasc sé / Fir an domhain agus ní bhainfidís feanc as nuair a chuir sé cosa idteanta air féin, ach é in aon-ghróigín amháin annsiúd / Níl sé is an domhan aon-chneamhaire mar é]/ Níl sé faoi'n domhan ar fad an té is measa croidhe ná é / Má tá sé faoi'n domhan indiu an té is uilce ná é sin, is iongantas é / Níl aon-áit faoi'n domhan nach bhfuil siubhalta aige / Dheamhan áit faoi'n domhan is deise ná an áit seo, marach an aimsir /[Dheamhan bó faoi thalamh an domhain ba mhó bainne ná í, ach go raibh sí an-do-thógtha / Níl aon-chladach faoi thalamh an domhain is fhearr bráideannaí gliomach ná an cladach sin thíos. Tá a chomharaidheacht len a chois. Nach bhfeiceann tú é druidthe le potaí? / Níl aon-mhadadh ar thalamh (faoi thalamh) an domhain is críonna ná é sin / Ní raibh aon-teach ar thalamh an domhain ba deise ná a bhí aca, nó go dtáinic an tsraoill seo isteach ann. Chuir sí sin a caoi féin air / Níl aon-tseafóid de dhuine ar thalamh an domhain is mó ná é, a bheith ag tabhairt áird' ar lucht cumadóir-eacht' mar sin]/ Níl aon-dícéille ar thalamh an domhain ach a dhul ag tóigeál bheithidheach anois, agus iad dhá ndíol ar árdú orm / Níl a fhios agam san domhan cé'n scéal é = ní thuigim cé'n chaoi a bhfuil an scéal nó na cúrsaí seo / Níl a fhios agam 'san domhan cé'n

scéal é, má tá an pósadh sin caithte suas arís / Ní bheadh a fhios ag duine 'san domhan bráthach cé'n scéal é, má tá siad ag dul ar a roint arís, th'éis a liachtaí uair agus a roínn siad cheana é / Níl a fhios agam 'san domhan céard is cor dó ar an aimsir seo / [Ní thuigfeadh duine 'san domhan bráthach céard atá sé a dhéanamh ag mianadóireacht san ngarrdha siúd le bliain. Mara bhfuil ciste faighte aige! / An bhfuil a fhios ag aonduine san domhan bráthach cá bhfuil sí ag fáil an airgid uiliog go léireach? / Chinnfeadh sé ar aonduine 'san domhan bráthach aon-cheart a bhaint di / Níl aon-churachóir 'san domhan bráthach indon a dhul 'un farraige indiu / Bhí an domhan bráthach aca ann = go leor daoine, beithidheach agus rl. / Tá an domhan bráthach gliomaigh tóigthe aige le ráithe, tá sin / Bhí an domhan bráthach maingíní aice ag teacht ó'n mbus / Tá an domhan bráthach uisce caithte aige le mí / Caitheann tú an domhan bráthach "feaigs" / Tá an domhan bráthach cainte aige]/ Beidh an domhan bráthach féir tirm agad i mbliana / Fuair sé an domhan bráthach airgid le goirid. B'ait a chruthuigh na cailleachaí dhó as a dheireadh, th'éis nach raibh siad an-gheal dó scathamh / Tá an domhan agus a mháthair daoine ann = an domhnaidheacht daoine; tír agus talamh / Bhí an domhan agus a mháthair ólta aige / Cheannuigh muintir Luimnighe an domhan agus a mháthair muc ar an aonach indiu / D'íosfadh sé an domhan agus a mháthair agus 'ar ndú' d'ólfadh sé cába Chríost /[Tá an domhan agus a mháthair de na fóthannáin fhireanna sin amuigh i mbliana. Níl goir ag duine cois a chur thar an gcois eile gan bualadh faoi cheann aca / Chaith sé an domhan agus a mháthair sneachta faoi Fhéil Bríde i mbliana / Tá an domhan agus a mháthair aige 'san leitir seo. M' anam gurb aige atá an t-ionbhadh go bhféadfaidh sé an oiread sin a scríobhadh / Tá an domhan agus a mháthair salachair 'sna fataí sin thuas / Tá an domhan mór daoine ann]/ Tá an domhan mór ráidhte aige / Níl néal ar bith faoi'n domhan air sin, deirimse leat / Níl faitíos ar bith faoi'n domhan orm ach aon-fhaitíos amháin / Níl fuacht ar bith faoi'n (de'n) domhan ann indiu / Dheamhan scéal ar an domhan agam = scéal ar bith / Dheamhan focal ar an domhan a chuala mé faoi / Níl a fhios agam faoi sheacht ranna an domhain (seacht ranna na néal) cá'il sé / Dhá bhfaghainn seacht ranna an domhain ní fhéadfainn cromadh /

Díobháil (: dʼīəwālʼ) = ainm-fhocal, buineann; geiniúnach uathaidh: na díobhála.

Díobháil: (i) dochar, mísc, millteanas. (ii) cheal, d'fhuireasbhaidh, easbaidh.

[Ciall a (ii) Achréidh]

Déanfaidh an bháisteach seo díobháil anois. Feicfidh tú dubhachan i mbáireach / Is beag an díobháil an díobháil a rinne sí annseo (: toirneach) chor ar bith míle buíochas le Dia, ach deir siad go raibh sí an-ghártha in áiteachaí eile /[Níl aon-lá san aer nach ag déanamh díobhála dhuinn atá sí. Tá bó léithe i mbradaíl, nó tá claidheachaí leagtha ag a cuid asail 'chuile phuínte / Fhobair díobháil a bheith déanta aige, marach cho h-éascaidh agus a tapuigheadh é. Tháinic dúrúch air ar fud an aonaigh. Tarbh dubh-láidir é, ach bhí fir annsiúd a cheansóchadh é, go leigidh Dia slán iad / Níl aon-lá le mo chuímne nach bhfuil an fharraige ag déanamh díobhála annsin thíos, ach diabhal comhla a chuirfidís na dheidh sin ann, th'éis go bhfuil mo theanga caithte agam dhá iarraidh orra. An deá-ghealladh, agus an droch-chóimhlíonadh, d'eile / Rinne an ráig sin díobháil indiu. Dheamhan fear san tír nach raibh ag cur fhéir isteach inniu / Ní dheárna an méid a d'ól sé dochar ná díobháil dó / Mar sin dó gan dochar ná díobháil duinne! (fc. dochar) / B'éigin dom fanacht san mbaile díobháil airgid (: cheal airgid)]/ Níor fhéad mé an t-arúr a bhualadh inniu díobhail cúnta / Ní dheachaidh mé ag an mbáire díobháil "bicycle" le mé a thabhairt ionn (: ann) / Ní chorródh sé amach as an teach díobháil mótair a bheith faoin a thóin / Chinn orm an áit a fháil díobhail eolais = gan fios an bhealaigh a bheith agam / Ní díobháil eolais a bhí orm ach gan aon-fhonn a dhul ionn / Ní thóigfí sna "peelers" é díobháil airde (: áirde) / Ní bhfuighidh duine ar bith acu posta díobháil foghluime / Ní leigfí isteach ionn (: ann) é díobháil Gaeilge. Níl focal Gaeilge in a phluic /[Caithfidh sé a bhfágáil amuich díobháil croithe a bheith aige len a gcur ionnta / D'eirigh an "mistake" sin dó díobháil an leitir a léigheamh mar ba cheart / Cailleadh a chuid beitheach ar fad díobháil breathnú in a ndiaidh / Tá na putaí sin aige in a scaibh-téaraí díobháil a smachtú in am / Ní bheidh aon-"beet" aige díobháil a glanta. Nach raibh pláigh shalachair innte / Níor thriomaigh fód ar bith de'n mhóin dúinn i mbliana díobháil a baint sách luath san mbliain]/

díobhálach (dʼīəwālʼəx): aidiacht as díobháil = docharach, míonosach, mioscasach, damáisteach, díchúiseach, ollóideach, binibeach.

Báisteach dhíobhálach a bhí innte sin. Cé'r chás é dhá gcaitheadh sé seachtain roimhe sin í, ach an uair a tháinig sí, rug sí ar 'chuile shórt ar sraith / Galra díobhálach í an cheathramha ghorm sin. Is lionnán (: leannán) leis an mbaile seo críochnuithe í / Uisce díobhálach é sin le cur i dtae. Nach bhfeiceann tú beo beitheach le doirbeachaí é? Níl sé feilteach do'n bheitheach fhéin ní áirighim do'n duine /[Talamh díobhálach do chaoirigh é. Teagann dalladh mullóg orra as éadan ann / An raibh an toirneach díobhálach soir agaibh? Chuala muide go raibh / Na luchain bheaga sin is díobhálaí a bhíos do choirce. Gearrann siad na cruacha as éadan / Níl an dubhachan baoghal air cho díobhálach annseo agus atá an lobhadh bán. Suas barr an bhaile is mó atá an talamh cuir annseo, agus tá mianach móna ann / Thug asail an bhaile seo leath ó bhfaca mise d'asail ariamh, le bradaíl. Tá na daoine reicthe aca. Eallach díobhálach iad mar asail ó theagas eachmuirt orra]/ Is díobhálach an chlaimhe istigh imbaile ar bith iad. Tá lán púirín na h-átha aca ann, agus ní dhéanann siad foras na suaimneas ó mhaidin go faoithin ach ag reathach agus ag ruathrúch, agus ag déanamh millteanais. Is diabhlaí nach gcuirfeadh na póilíos faoi deara dhóibh siúd a dhul amach ag an scoil. Ní bhíonn siad ann lá san gcéad / Níl rud ar bith is díobhálaí ag na bradáin ná na mádraí uisce. Ghníonn siad sin sceannach orra / An bhfuil rud ar bith is díobhálaí béal ná an rálach (: francach)? / Is díobhalach an teanga atá aice sin = damáisteach, mioscasach / Is díobhálach an earradh a d'ól tú 'mo choinsias! Poitín T. Th.! Tá sé sin indon duine ar bith a tholgadh // Tá an ghráin dhíobhálach aige ar an ól = an ghráin shiorraí shaolta; an dearg-ghráin [níor chuala mé ach leis an bhfocal gráin é] / Tá an ghráin dhíobhálach aige orm. Is luaghar leis mé ná an sioc a lobhfadh na fataí /[Beannacht Dé dhuit! Tá an ghráin dhíobhálach aige sin ar an dream thuas, ní nach iongnadh. D'imir siad ceart críochnuithe air an uair siúd faoi'n úachta. / 'Chuile bhall aige muise ach é sin. Tá an ghráin dhíobhálach aige air. Ná déan a shamhailt leis. Leagfadh sé é]/ Tá an ghráin dhíobhálach agam ar nathaíocht de'n

tsórt sin. Ag iarraidh a bheith ag flith-mhagadh faoi 'chuile dhuine agus nach bhfuil dóigh-mhagaidh ar bith san tír is mó ná é féin / Scread-mhaidne air an smaoiseachán! Tá an ghráin dhíobhálach agam ar a phus mór. Ní bhíonn ádh ná amhantar orm in áit ar bith dhá gcastar liom é / Bhíodh an ghráin dhíobhálach aige sin ar mhná fadó. Ní bheadh goir ar bith agad a dtarraint anuas as a chomhair. Ach chuir na Cáiteannaí an Chluain Mhuimhneach (: buidhneach?) air. Is ann atá móin dhá dóghadh dhó anois. Is beag é a fhoghail i ngort ná ingarraí ó a thaithigh sé san teach sin]/ Tá an ghráin dhíobh -álach aca ar an talamh thuas anois. Ní fhanfaidh siad ala na h-uaire ann mara mbeidh duine eicínt ag fosaíocht leo. Shílfeá muise gur maith an túmsacht (tomsacht, tiomsacht) atá ann fós. Uabhar atá ar na diabhail! / Bhí an ghráin dhíobhál -ach aige féin agus ag an sagart ar a chéile go dtí le fíor-ghairid ach tá siad ina dhá gcuid déag le chéile anois ó phós sé. Tá an ágóidín de bhean siúd aige indon duine ar bith a bhréagadh. Sí atá deas air! 'Ar ndú caitheadh sí crúib airgid aige agus bréagfaidh sin é. Níl aon-ghnaoidhiúlacht ann anois ach an t-airgead /

Dochtúr (doxdūr): ainm-fhocal, fireann: geiniúnach uathaidh: an dochtúr-a, an dochtúir, a dhochtúir; uimhir iolraidh: dochtúirí, dochtúir. Dochtúr = liaigh; fear leighis; ainm flith-mhagúil ar dhaoine; gléas.

Is dochtúr é / Is árd-dhochtúr é = sain-eolaí, nó dochtúr níos airde ná a bhíos amach faoin tír / Ní raibh sé sásta a bheith in a dhochtúr nó go mbeadh sé in a árd-dhochtúr, ach 'sén chaoi a raibh sé aige faoi dheireadh, bhí sé gan Murchadha gan Mánas / Níl a chuid dindiúirí chor ar bith ag an dochtúr sin, adeir siad / Chuaidh sé ag iarraidh an dochtúra do'n bhean /[Cuireadh fios ar an dochtúr / Chaith sí i bhfad ag dul faoi lámha dochtúra, ach dheamhan maith a rinneadh di in a dheidh sin / Chuaidh sí sin ó scil na ndochtúirí uiliog, agus deir siad gur leigheas N. é in a dheidh sin / Tá sé ag dul thar mheabhair na ndochtúirí a dhéanamh amach céard atá orm / Buidéal dochtúra a leigheasfadh an criotán sin ort. Tá sé do do chothú an-fhada]/ Tá sé ag cinnt ar na dochtúirí iad féin a leigheas

ní áirighim a dhul ag leigheas daoine eile / Tá cruadhóg dochtúra air / Níl annsin ach gobán de dhochtúr. Dheamhan blas meabhair aige induine ach an oiread liomsa / Dochtúirí na cruinne (dochtúirí Chríoch Fódla, dochtúir an dhomhain, dochtúir na h-Éireann agus rl.) ní leigheasfadh anois é = leágha na bhFíann ní leigheasfadh é /[Dochtúirí na cruinne agus ní raibh indon a shlánú th'éis an méid sin / Dhá dtugtá dochtúirí na cruinne aige, ní dhéanfaidís a dhath maitheasa dhó má bhí an t-imeacht air / Dochtúirí na cruinne ní thiubharfadh aon-fhuarú dom, nó gur tarraingigheadh amach í as cosa i dtaca. Is fada a chaith sé ag cragairt (: cnagairt) agus ag criongán léithe shul a fuair an teannachair aon-ghreim uirre (bun d'fhiacail) ach nuair a fuair, fuair sí crúscadh]/

"Dochtúirí na cruinne ní leigheasfaidís mo chás
Go dtáinig péarla an bhrollaigh ghléigil agus gur leag sí orm láimh"
[As amhrán. Amanntaí i "Bpéarla Deas an tSléibh Bháin" ach bíonn sé in amhráin eile freisin] / Dochtúr beitheach é = vetarin ary surgeon / Tá sé ag dul isteach le bheith in a dhochtúr beitheach /[Is géar a theastóchadh dochtúr beitheach annseo muis. / Sin iad deiseannaí an dochtúra = na h-acaraí a bhíos aige / Céard adúirt dochtúirín sciorta leat = ainm-droch-mheasúil ar dhochtúr a bheadh in ainm agus a bheith gan aon-mhaith / Cá'il dochtúirín sciorta ag dul? An fear a bhfuil sé sin ag dul chuige anois muise is fear é atá ag tabhairt an tuagh bháis in a mhullach féin. Tiúrfaidh sé sin buidéal de thoga na nimhe dhó! / Scread-mhaidne air, an dochtúirín sciorta! Ní thiúrfainn mo shean-asal chuige, agus is beag mo shuim ann / Bhí dochtúr dubh istigh inGaillimh cupla bliain ó shoin, agus deir siad nach raibh cinneadh go deo leis. B'fhearr é ná dochtúirín sciorta seo atá againne anois ar chaoi ar bith]/ Dia dhuit a dhochtúir! [leagan flith-mhagúil, fearacht "Dia dhuit a chaiptín!" "Dia dhuit a Dugdale!" agus rl. Le scurach adéarfaí é go h-iondúil, ach deirtear le daoine thart é] / Cé'n scéal ag an dochtúr? / Caithfidh mé braon a bhaint as an dochtúr = caithfidh mé mo mhún a dhéanamh / Ag dul ag baint braon as an dochtúr atá sé anois [ainm greannmhar air fearacht "Philipe an Fhuail", "Pete", "Múirne fhireann" agus rl.

Dochtúireacht = ainm-fhocal, buineann = obair nó ceird an dochtúra, nó obair duine ar bith a bheadh ag giollaíocht leithide dochtúra; ach an rud is mó a dtugtar air anois é: méirínteacht nó ag dul do rud len a dheasú, nó caoi a chur air; gobántacht, laimhseáil.

Tá sí ag oiliúint agus ag dochtúireacht thíos annseo thíos ó mhaid -in. Go deimhin, tá an páiste ag fáil aire uaithe / Is fhearr an bhean sin aige ag dochtúireacht ná dochtúr ar bith / Go deimhin níl mórán cúis leis ag dochtúireacht agus 'sé a chuma atá air. Céad slán le na dochtúir a bhí ar fónamh! /[Cáid ag dochtúir-eacht é siúd? Shílfeá go bhfuil sé an-scáfar. / Chaith sé an lá ag dochtúireacht ar an mbó, ach má chaith féin, sin é a raibh dhá bhárr aige. Chinn air aon-leas a dhéanamh di / An bhfuil sé ag dochtúireacht leis an "mbicycle" fós? Cinnfidh sé ar a cheann-finne aon-chaoi a chur air / Leig de do chuid dochtúireacht annsin anois. Déarfainn gur mó go fada a mhillfeas tú ná a leasós tú faoin ngramafóin sin]/ Tá sé suas annsin ag dochtúireacht le claidh-eachaí le dhá lá, ach ní fheicim mórán biorruithe aige in a dheidh sin / Sin é a mhaith agus a mhaoin: ag imeacht ag dochtúireacht mar sin timpeall an tí, ag deasú doirse, agus ag cur pabhsaes. /

Dearbhráthair (: dʼrʼārʼ, dʼrʼāhərʼ, dʼrʼahərʼ): ainm-fhocal, fireann; geiniúnach uathaidh: an dearbhráthra go h-iondúil, ach: an dearbhráthar scaithtí; uimhir iolraidh: dearbhráthrachaí. (dʼrʼārəxī). Ach geiniúnach iolraidh: clann (na) an bheirt dearbhráthar.
Dearbhráthair: an gaol atá ag beirt mhac leis an athair céanna nó leis an máthair chéanna le chéile: brother.

Is dearbhráthrachaí iad / Bheadh an oiread gnaoi agam air agus a bheadh agam ar mo dhearbhráthair fhéin / Deirbhshiúr agus dearbhráthair iad / Tá siad mar a bheadh an deirbhshiúr agus an dearbhráthair ann = an carthann -as céanna sin aca le chéile; platonic friendship / Tóigeadh iad mar a bheadh an deirbhshiúr agus an dearbhráthair ann / Déarfá nach dearbhráthair do Sheán Mór é ar chaoi ar bith! = ní gaol atá i gceist annseo ach méin dhaoine. Bhí sé de cháil ar Sheán Mhór a bheith fiuntach, ach ní raibh fiuntas ar bith 'san bhfear eile / Píopa M. Is

dearbhráthair dhó an ceann seo = dhá rud a bheadh cosúil le chéile / An ceann cruachán agus an mac siúbháine: is dearbhráthrachaí iad = dhá iasc cladaigh atá cosúil le chéile / Dearbhráthair do'n charachán é an cimleachán / Mara púdarlach é, is dearbhráth-air do cheann é = tá sé fhéin in a phúdarlach nó gar go leor dhó / Mara bacach é is dearbhráthair do bhacach é / Mara glaodhmaire é is dearbhráthair do ghlaodhmaire é /

/ Dearbhráthair do'n chodladh an bás = tá an bás agus an codladh an-chosúil le chéile / Sin é anois siar an bodach is dearbhráthair do'n fhear a raibh tú ag caint faoi ar ball / Tá sé fuar a dhearbhráthair (a dhearbhráthair chroidhe, a dh. mo chroidhe, a dh. m'anama, a dh. m'anama thú, a dh. dílis, a dh. na páirte, a dhearbhráthairín chroidhe, a dh. chroidhe na páirte, a dhearbhráthair ó, a dh. bháin agus rl.) /[Tabhair cead a chinn dó a dhearbhráthair mo chroidhe!]/ A dhearbhráthair ó cá mbeitheá ag dul? [níl gaol i gceist ach i gcuid aca seo — a dhearbhráithrín dílis, a dhearbhráthair bháin — agus ní bhíonn ionnta sin féin amantaí] / Leas-dearbhráthair = step-brother / Dearbhráthair dlisteanach = blood-brother; ní leas-dearbhráthair / Clann na beirt dearbhráthar / Sin é dearbhráthair m'athar / Dearbhráthair mó mháthar, mac dearbhráthair athar dó, agus rl.) / Dearbhráthair do Thadhg Domhnall = sean-fhocal = dhá rud a bheadh cosúil le chéile; beirt dhaoine ar aon-mhéin; mara chéile an ball -séire agus a ghiolla (fc. Tadhg). /

Duaidh: Briathar (fc. ith)

dúidín = ainm-fhocal, fireann = duine dona gan aon-bhrigh; duine a bheadh tarraingthe, siongthuighthe ag an obair agus ag an saol (fc. dúidín-piopa).
Tá sé in a dhúidín dhona / Go deimhin is cuma dhó céard a dhéanfas an saoghal anois. Tá sé in a dhúidín bhocht dhona / Is diocachín de dhúidín dhona é, agus ní obair a fheileas dó feasta choidhchin, ach sínte san gclúidín / Ní fiú cnaipe gan chois é: dúidín beag dona, nach bhfuil ann ach go bhfuil sé indiaidh a chéile /

dádach: Ainm-fhocal, buineann: geineamhnach uathaidh: na dádaighe. uimhir iolraidh: dádachaí = sean-bhradán; sean-bhreac ar bith tar éis síolruighthe dhó; bean a mbeadh deireadh a cuid cloinne beirthe aice agus rl. [spent-fish, kelts, baggits, shedders i mBéarla
'Siad na baggits nó na shedders na dádaigh, ach tugtar ar na ceanna fireanna freisin é/
Níl ann ach dádach. Ní fiú a dhul dhá ithe. Bíonn siad sceithte ar fad an tráth seo 'bhliain. / Dar príosta ní shin dádach. Tá an lábán ann fós. Ba mhór an feall a dhul ag fiachadh air, agus a dtiocfadh d'eochraí uaidh. Tá an-aois aige mar sin féin / Ní bhíonn aon-mhaith len ithe le na sean-dádachaí sin, má bhíonn méid féin ionnta. Bíonn siad ro-roighin. Bhí sé cho maith dhuit a dhul in éadan leathar capaill leo / Ná bac len a choinneál cuibhrithe.
Ní choinneochadh na Fianta Éireann cuibhrighthe é (asal). Tá sean-dádach annsin thíos ag mac J.: sean-bheos nachar tháinic aon-eachmuirt uirre le deich mbliana, agus níl neart aige a feiceál in a dheidh sin, nach ngabhfaidh sé ar chaitheamh an chlaidhe. Gheobhaidh sé cró. Sin é a cheansóchas é / Nach beag an náire atá ar an sean-dádach sin a bhfuil clann inghean suas in a gcailíní óga aice a bheith ag imeacht agus rachmall pósta uirre aríst. Dheamhan maith ag caint / Má's ag tnuthán le sean-dádach mar í sin atá sé, beidh sé as pósadh déarfainn. Ach diabhal mé go n-eireochaidh suaróigín eicínt leis as a dheireadh in a dheidh sin fhéin.

deaid, Deaide, deaidín, deaideó = ainm-fhocla [de na trí chéad fhocal deaide is mó adeirtear]. Deaid, deaide, deaidín = ainm-muirne nó teantáis ar athair mar bhíos dad, dada, nó daddy nó papa i

mBéarla / Deaideó: an sean-athair ar an gcóir chéadna [Deaide agus Mama is mó a thugas clann ar a n-athair agus a máthair i gcomhnaí, is cuma cé'n aois a bhéas ag an gcloinn sin. Is annamh athair ná máthair aca nó go mbeidh an tsean-lánúin imithe ar chaoi ar bith. An uair sin fhéin, is minice deaide agus mama aca ná athair agus máthair, cé go labhróchaidís ar a máthair corr-uair agus í beo féin. Ní bhíonn caint ar dheaideó ná ar mhaimeó cho minic sin]

["Punt do dheaideo agus punt do mhamó,] agus punt eile len ól ag cailleach an airgid.
'Sí mo mhamó í; 'sí go deó deó í, 'sí mo mhamó í,
'Sí cailleach an airgid" [caint a chuirtear le port, "Tadhg an Ghrádha" sílim nó na "Rockies Roads to Dublin". Bíonn sé le crónán páistí freisin / 'Bhfuil aithne agad ar Cháitín Dheaideo? / Bhí aithne mhaith agamsa muise ar Pheadar Dheaid, agus ba ghnaoidh-eamhail an fear é freisin / Cá'il do dheaide (nó cá'il deaide? Is minic adeirtear an focal sin agus "mama" agus "deaideo" agus mamó gan aon-alt) / Níl duine ar bith istigh ach deaide agus mama / Bhí deaide (: mo dheaide) agus mé féin ann / Is gearr go mbeidh tú cho mór le do dheaide bail ó Dhia ort! / 'Siad súile do dheaide atá agad. Ó, is le muintir Ch. atá tú ag dul / Ná bac le deaidín anois. Tá tú as do Dheaidín go ceann scathamh eile = páiste a bheadh ag iarraidh a athar, agus go mbeadh sé imighthe / Is le deaide mé. Is mé mac bán dheaide = gasúr ag caint nó ag aithléigheamh ar an rud adéarfaí leis / Cé leis thú? Le mama nó le deaide? / Teirigh anonn go dtí deaide (: do dheaide) anois / Sin í capall dheaide /[An bhfuil do dheaide mór le dhul ar an bportach indiu? = caint fhachnaoideach faoi athair gasúir (ní sean-athair)] / Gabh suas agus tabhair anuas chugam an píopa a choinnigh do dheaide mór orm indé. / Is olc an peata de dheaide atá aige sin! / Is cam a bhreathnóchadh an bodach is deaide dhi uirre dhá dtugadh sí isteach an cleiteachán sin aige /[Ba mhaith an cneag -aire é a dheaideó muis. Ní dheachaidh blas a phighne ar bhéal aonduine ariamh. Bhí a shliocht 'ar ndú'. Rinne sé taisce.] Ba é a rinne.

Daid, gaid, Daidí, gaidí, daidín = ainm-fhocla = ainmneacha

Deangmháilte (diongmháilte?) = aidiacht = leitheadach, postamhail, tréipléiseach, suimeamhail, bainte amach [deangmháilte adeirtear. Níor chuala mé aon-ainm-fhocal leis]

'Sé atá deangmháilte. / Tá a dhóthain talmhana faoi'n mac seo aniar. Ach ní bheadh sé in a mhac ag S. L. mara mbeadh sé deangmháilte. Ba suimeamhail an giota fir é a athair fhéin, an fhad's bhí lúd corruighe amach ann /[Nach deangmháilte an mhaise dhi anois é? Ba mhinic bean thréipléiseach amach as a baile, ba mhinic sin. Bhí seisear aca ag C. Mh. agus ba suarach an chaoi a chuir siad orra fhéin in a dheidh sin. Dheamhan fir ins an tír ba mheasa ná a fuair siad]/ Tá sé in a fhear sáthach maith marach cho deangmháilte agus atá sé. Ach tá an oiread gárdaí agus floscaí aige in a dheidh sin, agus nach féidir a "phléasáil" (: plase = please). Bhí sé ag iarraidh mná annsin an bhliain cheana, agus ní shásóchadh duine ar bith é, mara bhfaghadh sé máistreás scoile. Faghadh sé iad sin feiceamuist! /[Is cailín gan sásamh í ná ceann ar bith eile atá cho deangmháilte léithe. Bheadh an cheird sin ceart go leor ag bean a mbeadh posta ó "Ghovernment" aice, ach suaróigín ar bith a chaithfeas a dhul ag spágaireacht thrí na lathachaí annseo, beidh rud thairis sin ar a h-aire!]/ Tá an-lághaidheacht ann mar sin, ach ní fhágann sin nach bhfuil sé deangmháilte in a dheidh sin féin. Breathnuigh air Satharn ar bith inG. Níor léar dhó duine, leis an dearcadh a bhíos aige fea'int (feachaint) a bhfeicfeadh sé na boicíní. Cuirfidh mé geall leat nach bhfeicfidh tú ag bualadh aon-bhleid ar fhear na tíre é. Mo chreach mhaidne ghéar thú! /[Tá sé cho storramhail cho deang-mháilte agad, agus go sílfeá gur leis féin an bóthar uiliog dhá bhfeictheá ag spais-teoireacht é. 'Ar ndú, sin í an onóir dhona arís t.]/ Goithtí beaga iad sin atá aice. Níl aon-lá ariamh nach deangmháilte mar sin a chonnaic muid 'chuile dhuine dhá dreám. Ba bheag dhá shlacht a bhí orra muis. Cine faoi chupóig! / Is diabhlaí an mheas atá ag an gcaracháinín sin air fhéin. Tá sé an-mhóiréiseach, an-deangmháilte ann féin. Shílfeá gur ar a thóin féin atá an ghrian ag eirghe. Ach cá bhfágfadh sé é: mac Mh. Ní Fh. /[Níl aon-chall do bhean ar bith a bheith cho deangmh-áilte agus atá sise. Cé'n éadáil í ach an oiread le duine ar bith eile. As na faochain a fáisceadh í cho maith linn ar fad. Ach do dhubhshlán sin a shamhlú léithe in a dheidh sin!]/ Nach deangmháilte an mhaise dhó é! Síleann sé má tá culaithín éadaigh air agus "watch" ar a rusta (: righe) go bhféadfaidh sé a dhul ag déanamh dógha de na daoine. Tá dul-amú air muis. Bhí cuid againne i mbailte móra nach mbea{dh} i mBaile Átha Cliath ach púirín caorach lena n-ais. Má theigheann sé ins an gceann sin leis, is orainn nach mbeidh an mhairg é a innseacht dó, ach an oiread /

Deargán = ainm-fhocal; fireann; iolraidh = deargáin.

Deargán = (i) rud ar bith a mbeadh deirgeadas ann, nó a bheadh craosach dearg; (ii) rud a déantar as duileasc.

Is é an deargán é = duine a bheadh craosach dearg; duine a mbeadh snuadh na gcaor in ghruaidh / 'Bhfeiceann tú an deargán sin = píopa agus aithinne dearg in a bhéal agus an tobac ag deargadh freisin. / Deargán ar fad é an teach aice anois. Tharraing ar chuir sí de "phaint" air siúd pighinn mhaith uirre. Is mór an t-iongnadh nach mbeadh splanc eicínt chéille aice, agus gan a bheith cho drabhlásach sin len a cuid airgid. Mhainín féin go mb'fhéidir go mbadh mhaith léi aice fós é / Tá taobh amuigh an tighe in a dheargán ar fad. Ach cé'n diabhal a bhí ag cur cathuigh-the air, an dath siúd a chur air. Ní fhaca mé rud ar bith ariamh is scannruighthe ná é anois /[Bhí másaí agus bléin an pháiste in a ndeargán fré chéile ag na claibh-tíní agus na pluideoga a chuireadh sí air. An bhfaca tú iongantas ar bith ariamh gur mhair sé chor ar bith. Is beag an dochar di náire a bheith uirre nach dtiubharfadh aire thairis sin dhá páiste. 'Sí an tsiléig sin a fhágfas dhá bhfuireasbhaidh í]/ Tá sé in a dheargán anois agad le cuimilt. Is diabhluí an lear súighe a bhí air. Shílfeá nach mbeadh an oiread sin súighe ná deataigh ar lampa a bhfuil gloine air / Tá na fataí atá againne imbliana in a ndeargáin as éadan. Facthas domsa an uair a bhí mé dhá gcur nach raibh na síolta ro-dhearg chor ar bith. Ach nach hé an cás céadna é. Is beag an locht iad na fataí dearga dhá mbeadh a sháith ag duine díobh. / Flainín geal a bhí ann idtosach ach dhathuigh sí é, agus tá sé in a dheargán anois. Sin é a ghnídís uiliog fadó leis an bhflainín thart annseo. Bhíodh cotaí dearga, agus cótaí gibíneacha agus cótaí cóirighthe aca. Ní fheicfeá a malrait chor ar bith. Déanann na sean-mhná fós é, (n)ach ach a n-imighidh an líne seo is beag na cótaí dearga a fheicfeas tú. Is mór a d'athruigh an saoghal le scór blianta féin / Ceannuigh staic de'n deargán eile sin — cé'n t-ainm atá air — "raddle" — le na caoirigh a mharcáil. Beidh muid dhá mbearradh lá eicínt an tseachtain seo chugainn, agus caithfear comhartha eicínt a chur orra, má's linn a gcur 'un sléibhe … Gheobhaidh tú i siopa Ch. nó tigh Gh. é. Tóruigh an baile mór go bhfaghaidh tú é ar aon-chor / Shílfeá go bhfuil an cut seo in a dheargán. Corr-chut a d'fheicfeá ar a dhath sin anois chor ar bith. Dhá gcuirteá isteach ag an "show" é sin gheobhthá duais air. Ach níl aon-ordú agad air. Breagh nach gcaithfeá go maith le do chut mar dhéanfadh fear! / Is diabhluí an deargán d'inghin í sin aige. 'Bhfeic-eann tú na pluca atá uirre — bail ó Dhia agus ó Mhuire uirre. Tá

'chaon gríscín feola uirre! Bhainfeá fuil aisti le dealg spíonáin / Rinne tú deargán críochnuighthe de'n chathaoir. Dhá mbeadh plúirín agad anois agus brat dó a chur as a chionn sin, bheadh sí go dathamhail! / Sin deargán ceart anois — an clúdach atá ar an "gcopy" sin. Cá'il an cinéal sin dhá ndíol? Is fadó an lá nach bhfaca mé a leithidí cheana / B'fhurasta aithinte Tom. Bhí deargán de gheansaí air a d'fheicfeá míle ó láthair. [Bhrath mé a ionnsuidhe indiu faoi, ach leig mé tharm é in a dheidh sin. Ní fhágann sin nar thug mé len innseacht dó gur aithin mé é … Is dalba an rud a dhul ag caitheamh cith cloch le duine ar an gcaoi sin. Ní greann ar bith fear a dhonú.]/ Tá an t-aer in a dheargán. Saighneáin triomaigh iad sin thiar. Feicfidh tú aimsir bhreagh uaidh seo amach ": dearg dearg thiar, gealach agus grian" / Thóig sé as an teine é, an uair a bhí sé in a dheargán agus thosuigh sé dhá lascadh ar an inneoin. Níor chuir sé biseach ar bith isteach ann, ach an dá bhrionglán a thathú agus aon-cheann amháin a dhéanamh dhíob. [Siúd é atá deas air. An-ghabha é. Níl goir ar bith ag an mb. air. Níl sé 'fhoisceacht mbeannuighidh Dia dhó]/ Deargán de dhubhach é seo shílfeá. Ní rabh fhios agam ariamh cheana go scríobhfaí leitir le dubhach dearg /

(ii) Deargán = scáird uisce fiuchta a chur ar dhuileasc nó go mbeadh sé dearg agus annsin a ithe; nó an duileasc a chur ag bruth in uisce, nó go bhfaosgad sé. Sin deargán. Bhíodh an-tóir ag daoine roimhe seo air, ach ní hé an oiread sin a mbíonn a bplé anois leis /[Déan deargán de'n duileasc sin / Ó a stór, roimhe seo a bhíodh na rudaí ann! Ghnidheadh muid bocstaí agus pruchógaí, agus deargán. Ghabhfá síos ag an gcladach agus bhainfeá glac dhuilisc agus thiubharfá abhaile é agus dhéanfá deargán dó (: de), agus dheamhan annlann go h-éag mar é. Bhíodh an-"hate" air]/ Bhí tóir aca ariamh ar an gcnúasach chladaigh. Ní dheacha mé isteach ariamh ann nach mbeadh iascáin nó toit bháirnigh nó deargán thíos ann. [Dar mo choinsias má bhíodh fhéin ba bheag an locht iad. Thiubharfainn mo dhá shúil anois ar rúainne deargáin dá mbeadh sé agam]/ Deargán! Mo chreach do chuid deargáin! Is maith an bheatha ag fear oibre deargán. Ní thiubharfainn deich triuf ar do chuid deargáin /[Ní bhíonn dream ar bith líomhtha ag deargán ach muintir Mh. Tháinig P. anuas annseo anuiridh agus bhain sí slam duilisc agus ní bheadh fíth ná feáin uirre mara ndéantaí deargán di. Diabhal an raibh a fhios ag na gasúir céard a bhí sí a iarraidh. Ní fhaca siad sin aon-deargán ariamh. Ach m'anam go raibh a fhios aice siúd. Thug sí a sean-eire creathnaigh abhaile léithe. Nar ba hé amháin

dhá bhfuil suas ann. 'Chuile bheaduidheacht dá mbíonn timcheall orainn a chrapadh leo, agus gan tada de bhrabach orra féin. Ní fhaca mé tada ag toidheacht anuas ariamh as. Uair a chuir muid fios suas annseo ar mhaingín cnothannaí aca, chuir siad scéala anuas go mbeidís againn an tseachtain a bhí chugad, ach ní fhaca muid aon-amharc ar na cnothannaí ó shoin]/ 'Sí atá dhá cur fhéin in adhastar an anró ceart, a dhul isteach ar an mbaile sin, áit nach raibh aon-cheo ariamh ach báirnigh agus deargán. Diabhal ceo eile! [Beidh sí ag scríobadh leis an nganntan dhá lá a saoghail. Nach ar a h-athair a bhí an ciméar agus a cur annsiúd, agus a liachtaighe fear ar foghnamh ins an tír a phósfadh í]/ Bainfear as a chleachta feasta i Sasana é, mara mbeidh aon-sleamhcán ná aon-deargán le fáil aige. [Ar chnúasach cladaigh a tháinig an dream sin suas ariamh, agus 'chuile dhuine ar a mbaile. Cé'n diabhal eile a bhí aca. Breathnuigh thú féin ar an mB. An bhfuil fód ag gabhail léithe le cur. Má tá ní léar domsa é]/ 'Sé a bhíodh ag na daoine ar fad fadó, an deargán sin. An uair a bhí mise ag eirghe thuas, níl lá ar bith nach mbíodh sé againn — scaithtí de'n bhliain. Ach h-eirigh-eadh as uiliog. Ní móide gur donaide na daoine sin ach oiread. Pébrí cé'n moladh a chloiseas tusa ag daoine ar an saoghal fadó, ní raibh aon-ghoir aige ar an saoghal atá ann anois. [Tá na daoine ag fáil dalladh len ithe ar chaoi ar bith anois, ní hé sin do'n tsaoghal fadó é. Is cam a bhreathnóchadh fear oibre anois ort dhá dtairgtheá deargán dó le h-aghaidh a dhinnéir. Fadó féin 'ar ndú bhí rud aca thairis]

Dóráin = ainm-fhocal (fc. ball)

Deismínteacht = ainm-fhocal, buineann; ainm-bhriathar /
Deismínteacht = puinteáilteacht; ag cur slaicht ar rud; ag sceacháil suas rud; ag dul do rud in ainm agus a bheith ag cur slaicht air, ach gur mó a bheitheá a mhilleadh ná a leasú faoi go minic; in ainm agus a bheith ag deisiú rud.

Tá sé ag deismínteacht leis / Cé'n sórt deismínteacht atá agad léithe anois. Tá sí sáthach maith. Má bhaineann tú mórán eile de'n leathar di annsin, beidh mo chuid oibre uiliog millte agad, agus an bhróig ó rath aríst. Faitíos atá ort nach bhfuil sí sáthach deas! /[Tá sé ag deismínteacht ar fud an tighe indiu. Níl a fhios agam nach ag cur suas "paint" atá sé. Is aca a bhéas an sagart an chéad uair eile]/ Chaith sé ag deismínteacht leis an gcoca, ag tarraingt slamannaí as, nó go raibh sé cho chorrach aige, agus go mb' éigin maide a chur faoi len a choinneál ó thuitim /[Beidh seachtain ar a laghad ar bith air anois ag deismínteacht timcheall na h-iothlann. An bhfuil fear ar bith faoi na brait is puinteáilte ná é? Má tá níl a fhios agamsa é. Ní chodlóchadh sé suaímneach mara mbeadh an iothlainn sin in a garrdha mór aige (fc. garrdha mór)]/ Má's leat fanacht léithe sin, is fada an fanacht a bhéas ort. Caithfidh sí sin an lá ag deismín -teacht len a cuid éadaigh, ag iarraidh spéir na gréine a dhéanamh dhi féin / Chuir sé suas an t-ainm i dtosach agus bhí sé dhá chur suas agus dhá bhaint anuas annsin, ag deismínteacht leis, nó gur mhill sé ar fad é / [Eirigh as. Millfidh tú é le do chuid deismínteacht'. B'fhearr duit go fada é a fhágáil mar a bhí sé ar dtús, ach tá sé de bheith ort go gcaithfidh tú a dhul ag laimhseáil 'chuile shórt]/ Dhá bhfágadh sé an teach mar a bhí sé nuair a rinneadh é, agus leigean dhá chuid deismínteacht' leis, b'fhearrde an teach é. 'Gcuiridh Dia an rath ort agus breathnuigh anois. Nach bhfuil an oiread dathannaí aige air agus atá ins an mbogha báistighe! /[Déan bord breagh láidir tacamhail agus ná bac leis an deismínteacht sin a chuir tú ar an mbord a rinne tú annseo thíos. Ní deismínteacht a thastuigheas uainne, ach bord nach dtiubharfaidh uaidh. Chreidim nach daoine uaisle a chasfar againn, nach h-eadh sin / Tá tú ag deismínteacht leis fós. Tá sé in am agad feasta do dhóthain slaicht a bheith air. InDomhnach dhéanfadh geansaí a mbeadh i bhfad ní ba lugha fruigisí ná sin air mise. Níl tada ar an taobh thiar agad. Is cuma é ach taobh na h-onóra a bheith go deas!/]

diúgadh (: d ʼ ūgə) = briathar = a ól ina shúmógaí nó in a bhraonachaí bheaga go mbeadh sé ólta; an píopa a choinneál in do bhéal i bhfad nó go mbeadh sé caithte, ach gan a bhaint as ach gaileanna beaga.

Bhí sé ag diúgadh an phíopa ó a tháinic sé isteach nó gur imigh sé arís /[An bhfaca tú aon duine ariamh atá indon píopa a dhiúgadh mar é. Coinnigheann sé in a bhéal é, ag baint pluimíní as, nó nach mbeidh gráinne ar a thóin. Shín mé píopa annseo aige oíche, agus níor fhága sé a dhuth ná a dhath ann. Cé'n brigh ach go raibh sé lán go drad. Níor thóig sé as a bhéal go h-am suipéir é. Beirim féin ar an bpíopa agus tosuighim ag breathnú siar ann, agus ag breath-nú siar ann fea'int a mbrathfadh sé go raibh milleán agam air, ach 'ar ndú' mo léan fuair tú amach é!]/ Aníos ag forcabhás ar thobac a tháinic an codaidhe sin anois. Ach gheobhaidh sé tobac ar mo shonsa. Go deimhin is deas na gnaithí a bheadh orm a dhul ag síneadh mo phíopa aige sin nó go ndiúgad sé an gráinne deireannach as. Ro-fhada a fuair sé in m'amadán mé. Faghadh sé tobac anois i m'ráite eicínt eile / Bíonn tú ag diúgadh leat na "bhfeaigs" sin i gcomhnaí bail ó Dhia ort? /[Gheobhadh sé sin cárt fuisce ag an seacht a chlog trathnóna agus ní bheadh deoir ann ag an deich nach mbeadh diúgtha aige, agus deirimse leat nach bhfeicfeadh aon-duine eile tada dhá bhrabach. Shílfeá muis, lena fheiceál ag ól nach mbeadh gloine go tóin aige faoi cheann seacht-aine]/ Sin é atá indon an poitín a dhiúgadh. Ach d'eireochadh dó agus an caibín béil atá air. Is ann atá áit na gloine ceart /[Ara diabhal a mbeadh cnaigín fuisce ólta aige sin go ceann ráithe leis féin. An bhfaca tú ariamh an diúgadh a bhíos air leis an ngloine, dhá h-ól ó bhloigimín go bloigimín]/ Is agad atá an diúgadh air. Ní chaillfidh sé thú. Caith siar í as láimh, go leigidh mé thart an blogam seo shul a thiocfas aon-duine isteach. Níl cuid an rointe ann / Nach deas uaithe gailleog fuisce a dhiúgadh! [Bí ag faire uirre go bhfeicidh tú an chaoi a mblaisfidh sí di agus a mbainfidh sí braon aisti. Shílfeá gur tsiocair bháis di chuile bhlogam ach dar fiadh ní leigfidh sí uaithe í go bhfalmhuighidh sí í in a dheidh sin]/ Fág an buicéad annsin aige agus óladh sé é má's breagh leis. Cuirfidh mé geall nach mbeidh sileadh ann nach mbeidh diúgtha aige in am suipéir. Peataidheacht atá ar an laogh sin. Diabhal ceo eile /

Drioll (dreoll?) dreall (d'r'ūL : d'r'āL nó d'r'iL : d'r'aL): ainm-
fhocla is cosamhail: níl siad ach in aon leagan amhain: "an driúll ar an dreall"

Thuit an driúll ar an dreáll air nuair a chonnaic sé nach raibh aon-
duine ag teacht = thuit an lug ar an lag aige; thréig a mhisneach, a
dhúracht, a dhíocas nó a spleódar é; níor fhan fíreamhlacht, brigh, fonn
ná saint ann; bhí a intinn uiliog thrín a chéile agus ní raibh a fhios aige
céard a bhí sé a dhéanamh, nó céard a bhí aige a dhéanamh. /[Bhí an-fhonn
grínn air nó go dtáinic M. isteach, ach uaidh sin amach thuit an driúll
ar an dreáll air. Tá sé an-scáthmhar roimh Mh.]/ A thuit an driúll ar
an dreáll ar fad air le goirid. Th'éis cho splanctha agus a bhí sé sin, indiaidh
cuartaidheacht' agus spraoi, ní chorruigheann sé amach chor ar bith
anois. Ach tá an aois dhá bhualadh ach an oiread liom féin /[Níor
thuit an driúll ar an dreáll críochnuighthe air, go raibh muid ag teacht
anoir in aghaidh Árd Bh. Rinne sé an luighe mór orm mar adubhairt
an t-Árannach, in ucht an aird. Shíl mé a mh'anam gur sliabh
gortach a bhí dhá bhualadh, agus nach hé an siubhal chor ar bith a bhí ag cur
air. "T'anam cascartha ag an diabhal" arsa mise. "Eirigh as sin.
Ní stró ar bith dhuit é a shrianadh siar in aghaidh an aird anois,
agus gheobhaidh muid lón eicínt i dteach an ósta annseo thiar"]/ Is beag an
mhaith dhuit a bheith ag cur ar shon do chuid Gearmánaigh. Tá siad
buailte. Nach bhfuil sé ag cinnt ar na Sasanaigh agus ar na Puncáin a
bhfeiceál chor ar bith, ach iad rithte i bpuill agus i bpruchógaí orra.
Tá an driúll ar an dreáll tuithte orra ó a d'ionnsuigh siad an
Rúiseánach /[Is gearr eile muise go dteagadh an driúll ar an dreall air.
Shílfeá go raibh mío-shuaimneas dhá bhualadh, agus an chaint ag imeacht uaidh.
'Bhfaca tú ag dul amach 'sa dorus é, agus ag breathnú soir? Ba fear é a bhí ag
déanamh cnaipí an uair sin. Bhí sé ag ceapadh nach dtiocfadh sí]/ Ná leig
do'n driúll ar an dreáll tuitim ort cho luath seo agus a ghoirdeacht agus ó phós
tú. Beidh sé sáthach luath agad a bheith diomdhuch nuair a bhéas tú
pósta cho fada liomsa / Sin fear anois agus is fada dhó a shaoghal. Tá an
driúll ar an dreáll tuithte ceart air. Chuir sé sin isteach ar an
oiread postaí agus h-eitigheadh é cho minic sin, agus nach bhfuil misneach
ar bith fanta ann. Tá sé ithte le aicís agus is mór leis 'chuile dhuine /

Dreancaid (: d ʼ r ʼ ænkïd ʼ): ainm-fhocal; buineann; tuiseal geineamhnach uathaidh: na dreancaide; uimhir iolraidh: dreancaidí.

Dreancaid: feithidheach beag dubh a bhíos ag snámh agus ag léimneach (flea) Tá ar a laghad trí chineál aca ann: (i) an dreancaid thighe. (ii) an dreancaid mhara. (iii) an dreancaid chíbe. Isan bhfeamainn dearg nó isan mbruith-faoi-thír agus í leath-lobhtha is mó a d'fheicfeá na dreancaidí mara. Tá siad taithighthe i mbarr cladaigh ag an snáth mara. Ní fheicfeá ar thrághanna gainimh iad chor ar bith. Dhá láimhseálthá an fheamainn agus í isan gcruth adubhairt mé, léimfeadh pláigh dhíob chugad. Is beag nach gceapfá go gcruthóchaidís isan bhfeamainn as comhair do dhá shúl. Bíonn an-léimneach orra. Is cosamhail í an dreancaid mhara le míol críonna ach is mó agus is téagaraighe í ná an míol críonna. Tá sórt eangaí innte, agus go leor cos uirre, agus dhá streille siar aisti. Níl aon-dochar innte, arae ní shnámhfadh sí ort, ná ní thiocfadh sí leat in do chrioslaigh. Maidir leis an dreancaid chíbe, is lugha í ná an dreancaid mhara. Ní shnámhfadh sí ort ach oiread. Ingiodáin thirme issan bhfraoch nó i gcíb a bhíos sí taithighthe. Tugtar chun an tighe i spréidhmhóin iad scaithtí.

"Bhí mé idteach aréir agus bhí clampar ann;
Bhí cearca agus géabha agus lachain ann;
Bhí an bháisteach anuas thrí mhullach an tighe,
Agus níor chodail mé néal ag dreancaidí." [Rann a rinne fear nachar thaitnigh an t-óstachas leis a fuair sé idteach eicínt. Leagtar ar Rafteri é amanntaí]
"Chonnaic mé soitheach an lá cheana ag dul treasna thrí Árainn Mhóir:
Dreancaid mhara ar an lacard taobh thiar dhá gabhail
Ceann Gaineamh in a mhadadh agus é ag tafann ar Iorras Mhór agus rl." [Línte as an Amhrán Bréagach] / Níor chleacht sé tada ariamh ach míola agus dreancaidí agus sneáidh / Scread mhaidne ort, a ghiolla na ndreancaidí, ba ghlaine muid 'chuile lá ariamh ná thusa / Tá sí ag imeacht mar sin agus a cuid eochraí imbarr an dubháin aice, ach ní rachainn imbannaí, nach gcodluigheann sí ar chuasnóig dhreancaidí 'chuile oíche 'sa leabaidh, in a dheidh sin. 'Ar ndú' ar chuala tú ariamh é

: ceann cíortha a dhíolas na cosa /[Tugadh soir annseo iad, nuair a bhí an aicíd sin in ainm agus a bheith san áit, nó gur baineadh na dreancaidí asta. Ní fhéadfaidís siúd gan a bheith ithte leo, agus cho salach brocach agus a mbíonn 'chuile shnáth dhá mbíonn orra. Mhaithfeá do Dhia gan an léine atá air anois a fheiceál. 'Sí an rud is sailighe í dhá bhfaca mo shúil ariamh /[Chas sé dreancaidí liomsa. Chreidim gurb é an chéad rud a tháinic in a bhéal é. Níor thug mé féin áird ar bith air, ach a rádh nach maith an tsamhail a theigheas i bhfad. 'Chuile shórt ach dreancaidí; agus gurb aige fhéin is an bpruch-óigín de theach siúd atá máithreach na ndreancaidí. 'Seadh inDomh -nach / Teann anuas as an spréidhmhóin sin nó beidh siad ag imeacht in do chrioslaigh agad. Dreancaidí. Sin í máithreach na ndreancaidí a mhic ó!]/ Th'éis cho galánta agus atá sí, bhí mé taobh thiar di ag an Aifreann Dé Domhnaigh agus meastú nach raibh páin de dhreancaid ag snámh uirre / Cailleann an dreancaid a gaimh san ngeimhreadh. Is leath-tógáil ar an dreancaid an teas agus an bhruthghail /[Tá sé mar a bheadh dreancaid ann. 'Nuair a shílfeá breith thall air, bheadh sé scuabtha. Ach tiocfaidh sé ar ais aríst, le priocadh eile a thabhairt fút / Ná bac le tada ach tá sé siúd cho scolbánta leis an dreancaid. An bhfaca tú trathnóna annsin thuas é ag seasamh ar bharr na gclaidheachaí]/ Foighid ort! Tá sí agam. De'n phortach a tháinic sí sin indiu leis an móin.
B'olc an imirce aice é, an cailín! Dreancaid chíbe. Tá goin ar an diabhal sin anois / C. na ndreancaidí a thugadh an sagart ar an mbaile sin. Agus go deimhin má 'sé féin, níor bhréag dhó é. Níl sé indon tada eile a thógáil / Beithidhigh ar an gC.! Bíodh unsa céille agad! Dreancaidí an t-eallach is fairsinge atá annsin, mar -ar athruigh sé ó bhínnse ag tarraint ann /[Is deas déanta suas an chliobóig de bhean í, ach is lághach éascaidh a mharbhóchadh sí dreancaid mar sin féin / Tá an cosamar feamainne siúd ionann agus lobhtha. Ní tada atá go fairsing innte ach dreancaidí mara. Tá sí druidthe leo / Ní thiubharfainn dreancaid mhara ar a bhfuil de bheithidigh ag gabhail leis. 'Ar ndú' ní tógáil atá orra. Ní fhiafróchaí ar an aonach sin thiar indé iad. M'anam nach bhfiafróchaí]/

Dreancaideach = aidiacht as dreancaid = ithte le dreancaidí;
faoi dhreancaidí; dreancaidí nó troigheadáin a bheith ann;
salach, brocach, suarach, gágach, dona
Ruidín míolach dreancaideach é / Ab é an ruidín dreancaideach
sin a dhul ag pósadh! Is dona na gnaithí a bheadh ar bhean ar bith
a ghabhfadh dhá phósadh / Níl na gabhair féin i ndon maireachtáil
ar an mbaile dreancaideach sin thiar / Mharbhóchadh sé thú le
onóir agus suimeamhlacht, ach b'fhéidir gur maith dreancaideach í
a leabaidh in a dheidh sin / Teach fuar falamh dreancaideach
atá aige / Ar chuala tú céard adubhairt N. Ph. faoi Mh. Sh. Sh.?:
"níl fata in a gharrdha; níl gráinne mine in a cómhra; níl caorán
in a chlúid; leabaidh dhreancaideach í a leabaidh; agus tá an t-áirl
-eacan caithte ó a chuaidh sé i gcíonn tighe." Ní raibh léigheamh ná
innseacht scéil ag N. ag díbliú ar dhuine ar bith nach mbeadh aon-
ghnaoi aige air /[Scread mhaidne ar a cúl dreancaideach mara
leitheadach í! / Sin é, ar chaoi ar bith, nach bhfuil an scríobadh ag
coinneál leis an tochas aige. Rud an-dreancaideach é / Díol an
t-asal dreancaideach sin as an mbealach. Is mór an uais é]/

Dóid: ainm-fhocal; buineann; geineamhnach uathaidh: na dóide. Iolraidh:
dóideachaí [níor chuala mé i gCois Fhairrge é. I dtuaisceart agus in Iarthair
Chonamara atá sé]
Dóid: cláistéar mór mí-stuama d'fhód nó de scraith; leacóg,
cráisiléad, daibéad, leathnóg, smáileog, meall, maistín.

Tá sí in a dóideachaí móra millteacha. Ní thriomóchaidh aon-fhód dhe
go bráth. Is beag an baoghal atá uirre. Bhain sé gan chuma gan chaoi í
(: móin) / Tá sí in aon-láithreachán amháin annsiúd, agus í gan
tógáil as a scaradh ariamh. Ach ba doiligh í a thógáil as a scaradh,
agus í cho fliuch leis an lá ar baineadh as an bportach í. Go deimhin
sin é an chuma bhainte a chuaidh uirre: dóideacha mar a bhainfí
le sluasaid í /[Dhéanfadh trí cinn de na dóideachaí siúd ualach
asail. Péire is na cléibh agus ceann de mhaoil / 'Sé a bhí le cuthach
indiu. Bhuail J. Ph. dóid de scraith air, agus dhubhaigh sé a éadan fré
chéile. Dar leat ba mhó dhá fhonn a bhí air a dhul chun droch-
mhúineadha, ach bhí a fhios aige nach ndéanfaí faoi ach magadh]/

Dreas = ainm-fhocal, fireann, tuiseal geineamhnach uathaidh: an dreasa ainmneach iolraidh: dreasa, dreasannaí [dreas = d ' r ' æs; ach deirtear ɡ ' r ' æs scaithtí. An d atá i gCois Fhairrge]
Dreas: geábh, eadradh, scathamh, roint, scáird, goradh, cáirdeach, brat nó scráib mheirge ar rud, craiceann teann calctha ar mhóin nó a leithide /.

Rinne sé dreas caointe / Chaith sé dreas ag caoineachán / Déanfaidh sé dreas damhsa anois daoib / Rinne sé dreas ceoil dhuinn / Dubhairt sé dreas d'amhrán / Dubhairt sé dreas amhráin / Bhuail sé dreas orm agus dreas maith (fc. griosáil) / Beidh sé ag bualadh dreas' air, de réir a láimhe / Ní dhéanann tú dreas cúirtéaracht' ar bith anois / Bainfidh sé dreas aiste = as bean / Tháinic an dreas sin liom go maith = damhsa / Is breagh uaidh dreas ceoil a dhéanamh /[Rinne sí dreas diabhalta caoineacháin. Is breagh bogúrach uaithe a dhéanamh freisin / Tabhair dreas de'n teine dhó. Triomóchaidh sin é = scathamh, geábh / Nach bhféadfá dreas de'n teine a thabhairt duit féin. Cá'il do dheifir ag dul. Déan do ghoradh]/ Má thugann tú dreas eile de'n teine dhó, bruithfidh sin é / D'eirigh dreas salachair leis an gcóta seo in áit eicínt ó a bhí sé ormsa cheana = brat nó scráib / Shílfeá gur eirigh dreas sneachta leat. Tá calógaí ort / Céard a chuir an dreas luaithe ar do bhríste? / Ná teirigh soir thríd an ngarrdha sin, mara bhfuil tú ag iarraidh dreas puitighe ar do chuid éadaighe / Choimirce an diabhail do'n "lorry" sin. Chuir sé dreas draoibe orm /[Fuair mé dreas fuaicht ar an tórramh sin aréir. Thiar leis an doras dúinte a bhí mé agus bhí an seoideadh isteach orm ann / Fuair mé dreas fuaicht indé ar an bportach. Ní raibh de chlúdadh orm ach mar a fheiceas tú mé, agus bhí gaoth thollta ann. Diabhal bréag nach raibh / Tá dreas fuaicht faighte agam le uair annsin thíos faoi chorr na binne ag éisteacht le C. ag cur caoi ar T. Dh. / Is fadó an lá anois nach ndeárna mé aon-dreas cainte leis an gceann céadna Diabhal é le saoghal agus aimsir]/ Breagh nach ndéanann tú dreas cainte leis. 'Ar ndú' níl aon-chíos ar an gcaint / Fuair mé dreas tae ann = scáird / An n-ólfaidh tú dreas tae, ó thárla nach bhfuil

a mhalrait againn? / D'ól muid dreas tae annsin agus chaith muid dreas tobac, agus bhí sé ionann agus am baile annsin / B'fhearr dhuit dreas caraidheachta a dhéanamh liom. Is fear thusa nachar fhéach tú féin ariamh. Ní fhéadfá gan scráib-neart a bheith ionnad, bail ó Dhia ort! /[M'anam go bhfuair mé dreas óil ann, agus gur fhan mé ina chíonn freisin, cho uain agus tugadh dom é. / Gheobhaidh tú dreas óil má theigheann tú suas ann, ach dheamhan an molfainn duit lonnú ann ro-fhada. Beidh siúite annsin roimhe mhaidin / B'ait liom fhéin dreas óil a dhéanamh scaithtí. Ach ní bhfuighinn leath sásamh air, mara bhféadainn mo sheolta a chrochadh agus a dhul i bhfad ó bhaile. Maidir len a dhul soir annsin thoir agus lá óil a dhéanamh ann, níl annsin ach leibideacht. Teirigh san áit a mbeidh nuaidheacht ann duit]/ Níl a fhios agam nach mb'fhearr dom dreas codlata a dhéan-amh. Caithfidh mé eirghe le hóró lae le dhul 'nan aonaigh / Bhuailtí dreasannaí móra air annsin soir fadó, ach ní bhíonn a aghaidh ann chor ar bith anois. Buaileadh an oiread air oíche amháin agus a bhuailfí ar dhual lín, agus diabhal mé go ndeachaidh sé ann aríst in a dheidh sin / Tá dreas ar an móin sin = bíonn craiceann nó scamall taobh amuigh ar an bhfód a choinnigheas an fliuchán ón a dhul go dtí a chroidhe; ní bheadh cráinín fliuch ar bith ar mhóin de'n tsórt sin. Bheadh sponc innte agus thiocfadh lasair uirre ar an toirt [dreas = dross? Fuaimeanna na Gaedhilge atá ar na leitreacha issan bhfocal] / Sin í an "cailín" a bhfuil an dreas uirre. Is fhearr í sin ná gual /[Móin ar bith nach gcuirfidh an ghrian dreas agus creat uirre, ólfaidh sí an t-uisce má bhíonn sí tirm féin. Ní bheidh sí folláin istigh ná amuigh / Seo í anois an aimsir nach mbeidh i bhfad ag cur dreas' ar an bhfóidín móna. Má fhaghann sí coicís dhe seo, beidh sí in a barrach]/ Ní bhíonn dreas ná teas i móin ar bith nach gcuirfidh grian an tsamhradh creat uirre. Bhain mé annsin thuas anuiridh í taca Dhomh-nach Chrom Dubh agus má bhain féin, chaithfeadh sí stráisiún thíos ag crádadh, shul má thiocfadh aon-lasair uirre. Ba bheag ab ionann í féin agus móin tús bliana / Mara n-eirighidh creataigh an tsamhraidh

léithe, ní bhíonn dreas ná teas innte. Caithfidh tú an ghrian
a thapú nuair a bhéas sí ársuighthe, má's leat móin mhaith theine
a bheith agad, agus gan a bheith fearacht Ph. Á. a thriomuigheadh í ar
anna beag na Féile Michil /[Caith amach an spaidealach chaca
sin. Níl dreas ná teas innte. An carghas atá oraibh an
mhóin ar foghnamh a dhóghadh? / Dheamhan a fhios agam. An mhóin atá
is na portaigh sin aghainne, ní chuirfeadh grian na n-Indiacha
-í aon-dreas uirre. Chonnaic mé annsin le cupla bliain í,
agus dheamhan ceo triomaigh dhár chaith sé ar feadh an tsamhraidh
nach bhfuair sí. Fuair sí creataigh ó'n ngrian ceart go
leor, arae bhí sí bainte an chéad choicís de Bhealtaine. Ach
do cheann finne ní lasfadh í in a dheidh sin. Ní bheadh call dom
sagart ar bith a thaobhachtáil marach a mbaineadh sí d'
-eascainí agus de mhionna móra asam ag iarraidh a deargadh
'chuile mhaidin]/ Tá dreas meirge air = cáirdeach = iarann nó
rud mar sin a gheobhadh amluadh agus a dhéanfadh meirg / Fágadh
amuigh an tsluasaid sin nó gur lobh sí. Fuair mé caithte thoir
i lag chlaise san lorg sin thoir í, agus nuair a bhuail mé a
bhéal faoi chloich, tháinic dreas meirge dhi. / Tá sé sin
thar cionn. Tabhair goradh dhó sa teine, agus fagh do chasúr
agus teirigh ag ordlaidheacht air scaithín, agus eireochaidh an
dreas meirge sin dhó. Tá sé folláin istigh ann / Níl air ach
dreas meirge. Tabhair goradh dhó, agus imeochaidh sé sin dhe /[Is
gearr a bheadh an gabha ag cur deis' air sin. Thiubharfadh sé goradh
dhó sa teallach, agus ghabhfadh sé in a éadan ar an inneoin
annsin, agus bheadh sé dhá ghreadadh, nó nach bhfágfadh sé a dhath de'n
dreas sin air. D'fheicfeá ag eirghe dhó leis an ordlaidheacht é.
Féadfaidh tusa an cleas céadna a dhéanamh, mara bhfuil tú ro-
dhíomaoineach /[Ní fiú trumpa gan teanga iad sin anois, na sean
-iarainn sin. Tá siad ithte le meirg. Dhá mbeidís taobh le dreas
bheadh an scéal ceart. Ach dhá dteightheá ar a mbualadh sin
anois, bheadh dreasannaí ag eirghe dhóib (: dhíob) go faoithin, agus
bhrisfidís ort 'sa deireadh]/ Sin í an tsiléig i gcomhnaí. Láighe
nuadh a bhí innte sin, ach fágadh amuigh nó go ndearna sí dreas
meirge. Is deas í anois 'mo choinsias! /

Dréim = ainm-bhriathar = ag plé, ag comórtas, i gcoidreamh, ag tabhairt faoi; ag spáirn nó ag caraidheacht le; inglacamas lámh le, drannadh léithe.

Níl aon-ghoir agamsa a dhul ag dréim (: ə d ' r ' ēm ') le máistir scoile. Is beag an baoghal. Ní h-ionann bodach agus Dia. Geobhaidh máistir scoile bean, lá nach bhfuighidh mo leithide-sa í = ag comórtas, igceart-as / Ní bheadh aon-mhaith dhó a dhul ag dréim leis an D. Dhéanfadh an D. caoch-láimhe dhó = tabhairt faoi, a dhul inglacamas lámh leis / 'Chuile lá ariamh ag iarraidh a dhul ag dréim le na daoine móra. Is mian leis a bheith ag cuimilt leis an uaisle i gcomhnaí / Ní theigh-im ag dréim chor ar bith leo anois. Fuair mé fuighleach dóib (: díob). Nachar chuir siad mo cháil faoi'n tír! = i gcoidreamh, ag cuartaidh -eacht, ag caint agus rl. /[Is beag fear ar an aonach atá indon a dhul ag dréim leis siúd anois, tá sé cho deiseamhail sin, agus tá forrán -ach de mhac aige, bail agus beannú air, agus níl aon-fhear ar an aonach indon a dhul ag dréim leis le dornaí / Cá'il an siopadóir atá i riocht a dhul ag dréim le J. anois. Níl sé ann. Tá an oiread iarmhuis istigh is an siopa sin thoir aige anois, agus atá in aon-siopa istigh ar shlata na Gaillimhe. Dar Dia tá! / Dá mbeadh cupla bliain eile do'n mhac is sine atá aige, bheadh sé indon a dhul ag dréim le na rogha fear. Is diabhlaí an bodach fir atá sé a dhéanamh bail ó Dhia agus ó Mhuire air. Diabhal mórán a bhfuil aon-tuilleamaí cheana féin aige leo / Na teara ag dréim liomsa, má tá do leas ar Dhia. Meilfidh mé do chnámha ar a chéile. / Ní raibh aon-fhear ag teacht isteach ag pobal an Ch. a bhí indon a dhul ag dréim le P. Ph., agus nach furasta cur chuige indiu. Dhéanfadh sean-páiste ar bith puca dhó / Níl aon-tír, is cuma 'san diabhal cé'n tír í indon a dhul ag dréim leis an nGearmáin. Cuirfidh mé mo rogha geall leat go sáróchaidh sí uiliog fós iad / Deir siad an mac sin atá aige go bhfuil sé indon a dhul ag dréim len a rogha scóláire. Shílfeá le breathnú air nach bhfuil gus ar bith ann. / Níl aon-ghadar dhá fheabhas a bhfuil aon-fhonn air a dhul ag dréim le broc, agus is suarach an t-iongnadh sin. Ní fhágann sé liobair leathair orra.]/ Dhá bhfághadh an cut a dhul ag dréim len a chuid

crúcaí, beadh gnatha dhá dhicheall ag an madadh, ach níor thug sé an t-ionbhadh dhó, ach breith ingreim cúl cinn air, agus a chraitheadh … / Deir siad má fhaghann an madar uisce a dhul ag dréim chor ar bith len a dhrad, nach scaoilfidh sé a ghreim / Níl aon-sciúrtóig ag an Ghiúdach sin a bhí ag dul thart an lá cheana, ach is gearr go mbeidh. Feadh agus é sin a dhul ag dréim chor ar bith, deanfaidh sé airgead mar adéarfá leis é. Ghiúdach go deimhin! Is air nach bhfuil an mhoill / Dhá bhfaghadh sé a dhul ag dréim leis chor ar bith dhéanfadh sé leicíneach dó (: dhe), ach ní bhfuair / Ní bheidh dréim nó drannadh agam leis = plé ar bith /

Deallra (: dʼalʟrə, dʼālʟrə, gʼālʟrə): ainm-fhocal, fireann
Deallra = (i) lonnradh, ruithneadh, snuadh, lasair, taithneamh, scartadh (ii) préachadh le fuacht; seacaíl, reodh, crapadh leis an bhfuacht. Tá deallra an óir in a cuid gruaige = dath, lonnradh [tá leagan mar sin an-choitianta is na h-amhráin .i. "agus deallra an óir ar fad in a gruaidh"; "Sí is gile deallra agus rl.", ach níl an focal an-tréan i gcaint anois] / Tá deallra ar an gcailín sin. / Is breagh deas an deallra atá uirre / Nach air atá an deallra breagh bail ó Dhia air / Bhí mé cineál brónach agus bhí an-droch-dheallra uirre go mbuailfeadh sí mé = [níl a fhios agam cé'n t-adhmad atá le baint as seo. Níor chuala mé an co-théacs ar fad. Ach sin é an rud adubhairt an té a bhí ag caint. B'fhéidir gurb é deallramh (deabhramh) na Muimhneach é. Má's é, níor chuala mé aon-tsompla eile dhe is an gcaint] // Fuair mé droch-dheáll -radh ar an mbóthar aréir. Chaith mé an oíche ag teacht abhaile = préachadh mé leis an bhfuacht /[Má theigheann tú ag an damhsa sin anocht, gheobhaidh tú droch-dheállra. Má tá unsa céille agad, fuirigh is an mbaile / Thugadh sé sin deallra dhó fhéin 'chuile oíche, len a chuid ragairne agus óil. [Leath na gcuarta 'sé'n chaoi a mbíodh sé sin caithte chois an bhóthair strumptha ag an ól agus ag an bhfuacht]/ Fuair tú deallra maith anois, agus má tá mise in a dhiaidh ort, castar leat é. Ní raibh guth ar bith siar annsin ort, ach níor bheo thú in a dheidh sin go dteightheá ann do do chailleadh féin / Well níl spré

ar bith agad, má theigheann tú amach anocht, ag tabhairt
deallra dhuit féin a leithide d'oíche. Is geall í an oíche anocht
leis an oíche ar ith Ceile na bradáin / Deallra fuaicht a fuair
sé agus níor thug sé aire ar bith dhó féin. Chuaidh sé in ainsil annsin air /.

Deallrúghadh, deallróchaidh, deallruighthe agus rl. = Briathar = préachadh, fuarú,
seacaíl, strumpadh leis an bhfuacht, reodh, caillte leis an bhfuacht.

[Deallróchaidh tú thú féin, má fhanann tú amuigh annsin faoi'n
bhfuacht = préachfaidh, seacálfaidh]/[Deallruigheann sé é féin ag
imeacht ag bóthaireoireacht 'chuile oíche 'san aer. (Ní theagann iadhadh
air ó a thuiteas oíche ach siar agus aniar ó tigh Mh. Mh. go dtí tigh Mh.)/ Is beag
an dochar dhó a bheith deallruighthe fhéin agus gan aon-tsnáth air thairis
siúd. 'Ar ndú', níl aon-fhear beo indon a sheasamh ar scáth an méid
siúd éadaigh /[Deallruigheadh é muise ar an mbóthar aréir ag fanacht
léithe. Tháinic sí faoi dheireadh thiar thall, ach b'fhada é. Bhí déidín
tuitthe aigesan ag fanacht léithe ar aon-chor]/ Tá mé deallruighthe
thíos annsin thíos ó mhaidin ag fuirgheacht fea'int a bhfeicfinn ag teacht
é, ach diabhal teacht. [Sactha istigh ag ól idteach ósta eicínt atá sé
siúd]/ Tá gasúr ar bith a chaithfeas a dhul ag an scoil ar an aimsir
seo deallruighthe. Má's muid féin é, nach bhfuil muid deallruighthe
ní áirighim gasúir laga]/ Cé'n mhaith dhuit a bheith do do dheallrú féin
annsin. Diabhal cos an "lorry" sin a thiocfas go maidin. Fanacht faoi
bhealach ag ól a rinne sé sin /[Dheallróchadh aonduine beo istigh ar an
teallach ann. Níl dé dhá bhfaca tú in do shaoghal ariamh aige. Cé'n chaoi
a ndéanann sé bruitheachán ar bith]/[Tháinic sí agus í deallruighthe agus
scar sí í féin ar an teine, agus ní raibh goir ag duine ar bith eile
drannadh léithe aice. Guróir an-fhuar í /[Caithfidh sé siúd amach iad.
M'anam gurb air nach mbeidh an scrubal mo léan. Agus cead aca
deallrú chois an bhóthair má's breagh leo.] Má dheallruigheann féin
dheamhan a mbainfidh sé codladh na h-oíche dhó siúd / Tá mé deallruigh
-the thuas ar an bportach ó mhaidin. Dar brígh an leabhair, b'fhuaire
é ná lá geimhridh.]/ Dhá mbadh mise thú, ní dheallróchainn mé féin annsin
ag forcabhás air. Teagadh sé agus tugadh sé leis í, má fheileann sí dhó, nó
mara bhfeilidh, fágadh sé in a dhiaidh í. Beatha do dhuine a thoil a mhic ó /

Dóib: ainm-fhocal, buineann; geineamhnach uathaidh: na dóibe; uimhir iolraidh
: dóibeannaí.
Dóib = gaineamh bog bán nó buidhe. 'Sé a theigheadh in urláir fadó i
leabaidh stroighin (cement). Chuirtí rud beag aoil air, ach ba bheag
é. Ní theigheadh sé i mballaí. Deirtí go ndéanfadh sé creafóig thar
éis scathaimh, dá gcuirtí i mballaí é. Bheadh an dóib cho bealáilte
agus dá mbeadh aol innte, nuair a shuathfá í. D'fhéadfá láthair
mhuirtéil a dhéanamh de dhóib le beagán aoil nó "cement"
a chur thríthe. Chuireadh cuid de na daoine cárnáin bhualtraigh
beithidhigh thríthe, agus bhealóchadh sin thar cíonn í. Cuireann muintir
an tsléibhe amach ar thalamh láidir sléibhe í, le síol meaingiols
no turnapaí a chlúdú i leabaidh an ghainimh ghuirm, scaithtí. Tá
dóib i gcuid mhaith de'n talamh ach a dhul bun-domhainn. In áiteach
-aí eile, tá sí in a dumhchannaí ar uachtar na talmhana, agus d'oscluigh
-tí clascannaí gainimh in áiteachaí de'n tsórt sin a mbeadh sí le
fáil ar éascaidheacht. Ach tá sí faoi ráta anois de bharr fairsingeacht
an stroighin (cement), mara gcuirthí corr-uair in a h-urlár i gcroithe í /

Doibeáil, dóibeáilfidh, dóibeáilte agus rl.: briathar as dóib = puill a líonadh
le dóib; puill a dhúnadh; ballaí, urláir, puill agus rl. a bhualadh.

Dóibeáil na puill sin as an mbealach. Tá seoideadh isteach ar na
beithidhigh / Dhóibeáil sé na puill a bhí 'san urlár le goirid / Tá sé dóib
-eáilte go maith anois agam (: balla). Ní thiocfaidh puth ann. /

Deártan: ainm-fhocal; fireann, tuiseal geineamhnach uathaidh: an deártain.
Deártan = dórtadh; fearadh-ghráin; doineann, fuaraidheacht; glas-aimsir
[Deirtear duartan, dórtadh, agus deallran leis freisin. Fc. deallradh; dórtadh]
[Ní baintear leas as ach le "fuacht" nó le "fuaraidheacht"]

Bhí sé amuigh faoi fhuacht agus faoi dheártan ó a rugadh é /[Fuair sé sin
fuacht agus deártan, ach má fuair fhéin, ní donaide sin é. 'Sé atá rúpach
láidir fós / Shílfeá fear a fuair an oiread fuaicht agus duartain agus a fuair
sé sin, gur fadó an lá a bheadh sé thíos 'san talamh. Ach m'anam gur beag
{an} mhairg atá fós air, ach ag crochadóireacht leis / Is mór a fuair sé ariamh d'
{fhu}acht agus de dheallran, agus má fuair fhéin, tá a shéala sin air]/

dórainneach — aidiacht. (doghráinneach?)

[dóroinneach, dóraínneach — Achréidh. Dúroinneach = Conamara, ach dóroinneach amanntaí freisin]

Dórainneach = géar; díbheirgeach; dian; dubhshlánach; a bheith indon do cheart a bhaint amach go maith; a dhul go dtí an spriog, nó go dtí bun an amhgair le rud; a bheith neamúch agus ag tabhairt beagán sásaimh uait; gan rud a leigean uait nó gur mhian leat do shásamh a bhaint as.

Casadh fear linn ag coirnéal na sráide. D'iarr muid an t-eolus air. Chuir sé ar an eolus muid ar mhodh, ach bhí beagán sásamh le fáil uaidh in a dheidh sin. D'fhan an fear seo thíos in a éadan. Níorbh fhéidir a thabhairt uaidh. Tá an fear seo thíos an-dórainneach an uair a thogruigheas sé é. Chaith sé annsin ag siúite leis agus ag cur cheisteannaí, agus é cho barrainneach má b'fhíor dó féin. Shíl mé féin gur ag tachtadh a chéile a thiocfaidís as a dheire. Bhí imní ag teacht orm / Tá sé cho dúrainneach le aon-chríostuidhe dhá bhfaca mise ariamh. Má theigheann beithidheach thar claidhe isteach ar a chuid, is olc an peata é. Diabhal níos measa. [Bhí diabhlánach de bhó bhradach agam annseo uair. Le M. Ph. Uí Dh. a dhíol mé í, agus mé reicthe aice ag dul imbradghail. Bhí an-tseasamh ag a raibh ar an mbaile léithe. Níl lá ar bith nach dteigheadh sí ar dhuine eicínt, agus ba mhinic a rinne sí foghail freisin. Ach le 'chuile chamánaí ar chuma ar bith, ní dheacha sí air-sean ach lá amháin. Bhí maol-bhearna leagtha igclaidhe Gharrdha an tSléibhe an áit a raibh siad ag cur isteach coirce as an lá roimhe sin, agus ní mórán tóigeál (: tógáil) a thug siad uirre. Casadh an bhó ann ar chaoi ar bith. Níor léithe ab fhaillighe é 'ar ndú'. Isteach léithe ar an gcoinnleach, áit nach bhféadfadh sí mórán millteanais a dhéanamh. Ní raibh sí chúig nóiméad ann an uair a rug sé uirre. Rinne sé a sheacht míle dicheall í a bhascadh, ach bhí sí siúd í féin sáthach aigeanta. Anuas leis annseo in a theine bhruithte ag fuagairt foglach agus dlighe orm féin de ghort an gharta. 'Sé a thug fúm. D'éist mé féin. 'Ar ndú' mar adeir an fear fadó bíodh an chluais bhodhar ag fear na foghlach. Agus bhí na seacht ndiabhail ar an mbó. Ach in a dhiaidh sin agus uiliog scáth ar mhill sí airsean, bhí aige a leigean thairis. B'fheasach dó go raibh fúm a díol ar aon-nós, ach a bhfaghainn an té a thóigfeadh uaim í. Ach] tá sé cho dúrainneach sin agus go gcaithfeadh sé an ailp sin a bhaint asam

faoi gur tanguigheadh (: teangmhuigheadh) chor ar bith leis féin / Marach cho dúrainneach agus a bhí sé féin, ní chuirfinn araoid ar bith air faoi'n scathamh de lá báistighe a raibh mé aige. Ó a chonnaic mé go raibh sé ag dul go bun an amhgair liom faoi na laetheanta eile, agus ag iarraidh mé a ghiorrú ins an bpáighe, níor thaise liom féin é. Leag mé air. Is diabhluidhe scanruighthe a bhíos sé faoi scilling agus a laghad achair agus a bheadh daoine eile ag tabhairt fuadach di idteach an ósta / Bhí siad sin dórainneach 'chuile lá ariamh leis an té a bheadh ar páighe aca. Mharbhóchadh sé iad le obair. [Is minic a chonnaic mé thíos ins an ngarrdha iad go mbeadh an dubh ar an oíche agus nar léar dóibh an láighe. Agus an táirm chéadna ag tosuighe ar maidin. Mara mbeidís aige le giolcadh na fuiseoige, spréachfadh sé leo. Ba shin é féin an droch-eallach — badh é sin]/ Bhí muid ag baint roinn fheamuinne annsin thíos an bhliain cheana. Bhí P. L. in éindigh linn. Ó thárla go mba stráinséara í, chreidim gur bhain sí cupla dosán thar teorainn. Dar príosta d'eireochadh sé dhuinn féin sáthach éascaidh má's muid atá ag baint ariamh ann. Tháinig an gheabhróg siúd aniar agus gob uirre. Chuir sí stiúir ropaireacht' uirre féin. Ní raibh an oiread náire ariamh orm as comhair an strainséara agus eile. Thairg muid di a dhul agus an oiread céadna a bhaint orainn. Thug muid breith a béil féin di. 'Sí atá dórainneach ceart. Diabhal bréag! / Tá sé siúd cho dúrainneach agus má tá sé caithte in a cheann aige, nach leigfidh sé uaidh lag labhartha as an dá phunt dhéag í. Má tá ceapadh ar bith aige go bhfuil saint ar bith aige innte seasfaidh sé ar an airgead sin, agus dubhshlán aonduine é a chur cianóg as. / Nach diabhaltaí dórainneach anois a bhí sé faoi'n spré — th'éis gurb í a inghean féin í — nach leigfeadh sé an laogh leis an mbó: laogh óg. ["Dubhairt mé" adeir sé "go dtiubharfainn bó bhainne dhaoib, ach níor dhubhairt mé go bhfuigheadh sib bó bhainne agus laogh, agus ní bhfuighidh ach oiread. Dhá mbeadh breith ar m'aithmheala agam ní bhfuigheadh sib an méid sin féin. Tá mé de dhruim tighe agaibh"]/ 'Ar ndú' bhí sé ag plé le ceann a bhí 'chuile orlach cho dórainneach leis féin: M. seo thiar. Níor thug sé sin aon-tsásamh d'aonduine ariamh, agus diabhal baoghal a bhí air é a thabhairt do Sh. Chaith siad an-fhada ag cothuigheacht le chéile, agus 'chaon duine aca ní ba mheasa ná a chéile. "Dar diaguí" adeir M. faoi dheire "déanfaidh mé aon-lá amháin díot a Sh. shalach na míol. Rinne T. Mh. eadarscán annsin agus d'árduigh an dream thiar M. leo abhaile. Marach gur

{a}rduigh chuirfeadh sé luighe fiadha ar Sh. /[Chuaidh sé go bog agus go cruadh orm ag iarraidh a innseacht dó. Níl tada dhá'r chuimhnigh sé air nar dhubhairt sé liom. Theigheadh sé amach, agus isteach aríst. Thosuigheadh sé ag dilleoireacht agus scaithtí eile ag bagairt orm. Tá sé sáthach dórainneach ó a chaithfeas sé rud in a cheann. Ach badh aon-mhaith amháin dó a bheith ag gabhail domsa. Ní ghéillfinn dó dá gcaitheadh sé liom ó shoin. Tuige a ngéillfinn. Is beag a bheadh le déanamh agam go deimhin]/ Bhí an mhuintir suas an-mholtanach air sin, nó gur phós sé an bhean seo. Sílim go bhfuil sí seo dórainneach go leor. Measaim é. [Níl goir ag gamhain ná ag caora a dhul ar a gcuid sléibhe nach bhfuil madraí saghdtha ionnta agus iad ruaigthe idtigh deamhain. Agus bíonn sí dólámhach ag iarraidh ar an bhfear an sliabh a choisint. Roimhe seo ní chuirfeadh sé aon-araoid go deo ar bheithidheach a chasfaí ann, ach m'anam nach hé sin dó anois. Tá an-lear sléibhe aca annsiúd freisin: an domhan bráthach. Is beag a d'aireochaidís corr-bhearradh a leigean le Muintir L., nach bhfuil aca ach dhá spreab ar easca]/ Is diabhlaí dórainneach a bhí sé ag dul dom aréir. Bhí a fhios agam an uair a bhain sé amach ins an tsáruigheacht nach gcuirfeadh an diabhal ina shost é. Cé'n bhrigh ach an chaoi a raibh sé ag iarraidh údair ar 'chuile shórt dhá raibh mé a rádh. Bhí sé fánach agamsa údar a thabhairt dó, agus dhá dtugainn féin ní bheadh aon-mheas aige orra. Sin é an chuid is measa de'n tsáruigheacht i gcomhnuí. Ach ní fear ar bith é siúd le dhul ag sáruigheacht leis ar aon-nús (: nós). Leanfaidh sé 'chuile mhíle focal 'bhfeicfidh sé an bhféadfaidh sé brabach a fháil ar thada. Dligheadóir ceart é /[Má tá indán agus go dtiubharfar 'un cúirte thusa tóig M. Sin é an dligheadóir. Tá sé an-dúrainneach go deo ins an gcúirt. Má tá indán agus go mbeidh fear ag tabhairt fhiadhnuise agus go gceisneochaidh sé siúd é, cabálfaidh sé é dhá mhíle buidheachas. 'Sé atá indon. Freagróchaidh tú é siúd feicfidh tú féin air. Nó mara bhfreagruighidh, beidh sé in t'éadan go bráth, nó go dtugaidh sé amach as do chreatalaigh é. Siúd é an buachaill aca. Níl aon-mhaith a bheith ag dul anonn ná anall leis. Má tá clár na fírinne agad, níl aon-bheann agad air, ach mara bhfuil, tá sé indon droch-dhíol a thabhairt ort. Chonnaic mé mac D. annsin thoir ag athrú dathannaí aige /

do, de = réamhfhocla, mion-fhocla cainte leis an mbriathar Ainm-bhriathar agus rl. [Tigeann siad seo isteach i gcaint ar na mílte bealach, agus níl sna samplaí seo thíos ach cuid an bheagáin de na bealaí sin].

Do: Réamhfhocal (: gu. ní abruítear an d)
Na forainmneacha réamhfhoclacha: dom, duit, dó, di nó duithe (: dī. Bíonn an leagan seo ar di is gach uile áit ag daoine áiride, ach di is coitianta go fada ar fud an cheanntair), dúinn (duinn. Tá sé an-choitianta d'uireasa an tsíneadh fada. Sé is mó atá le fairrge ó Ghaillimh siar), daoib (díb, díbh freisin. Thríd agus thríd níl an b séimhithe. Tá an d caol in Árainn, go h-iondúil i Rosmuc, Camus, agus áiteachaí eile. Bíonn an dá fhuirm le chéile in go leór áiteachaí), dóib, dófa, (dóib nó dób is mó atá i gConamara agus a b leathan. Dófa nó dóf ar an Achréidh ach cuirtear daof(a) go minic in a áit). [Bíonn an d séimhithe ionnta go minic. Dhom i leabaidh dom, dhuinn i leabaidh duinn agus rl. Déarfainn gur minicí séimhithe é thríd agus thríd ná ar a mhalrait. Torum, toruinn adeirtear i leabaidh tabhair dhom, tabhair dhuinn].

Mar mhion focal san aimsir chaithte (do bhuail sé agus rl.) níl do san gcaint, ach scaithtí i sean-scéalta. Chuala mé tréan ag riar sean-scéalaithe mar sin é (Pádraig Ghábháin, agus Seán Ó Laidhe Ceathramha Rua).

Ní do ach a (: ə) agus ag atá san iairdhíoch (: infinitive) agus san ainm-bhriathar. .i. "dúirt mé leis an fear a bhualadh"; "chuaigh sé amach ag cur na mbeitheach as an gcoirce." Ach deirtear amanntaí ráití mar seo .i. bhí sé ad iarraidh na mbeitheach (: ədʼ) más é an do atá annsin nó nach hé. Bíonn ə (: a nó do?) agus séimhiú le dul, teacht .i. dúirt mé leis a theacht; fuagraíodh air a dhul abhaile (mar sin a bhíos sé i gcomhnaí). I leabaidh ag i ráití áiride sén ə (: a, do?) agus séimhiú a bhíos ionnta leis an iairdhíoch nó leis an ainmbhriathar .i. an rud a bhí sé a fháil (i leabaidh ag fáil), ní ghlacfadh sé é; an rud atámuid a iarraidh go bhfaghamuid é; an gúna a bhí sí a cheannacht níorbh fhiú an t-airgead é [tá an rud seo coitianta igcaint ainneóin go n-abraíonn daoine ag fáil (: ə fālʼ) agus rl. Ach tromlach na ndaoine ní abraíonn. B'fhéidir do rial eicínt a bheith ag baint leis ach ní fhéadaimse a barraíocht].

Deirtear do (: gu) in áiteachaí in áit an ə (: a?) i leagain fearacht chuaigh sé do (a) chodladh; tháinig sé do (: nó a) chúnamh dhom leis an bhféar

a chur isteach. Snadhmann do agus a in a dhá fearacht mar a ghníos siad is 'chuile áit eile ar fud na tíre ach amháin i dTír Chonaill. "Thug sé dhá (dá gan d séimhithe go minic freisin) athair é [níl "dona athair é" ann]; thug sé dhá shiúl é (: d'imigh leis ag siúl go tapaidh. Tá an a pearsanta(?) seo tréan go maith i gcaint); d'imigh leis dhá shiúl ionnsaí; ní thiúrfainn an oiread dhá (de annseo is dóigh) chroí dhó agus go bhfuigheadh sé é; ná fagh an méid sin dhá anró (: do not put yourself to so much trouble about it); is maith an rud roinnt dhá shásamh (: nuair a ghníos duine margadh réasúnta: nobody can have his own way completely); níl tuile dhá mhéad nach dtrághann; dhá laghad é, is fhearr é ná a bheith falamh; níl duine dhá chríonnacht nach dteigheann beart in a aghaidh; níl dhá mhéid dhá mbeidh agad nach mbeidh tú ag iarraidh tuilleadh; dá réir sin agus rl.

D'aonduine amháin (: gɛ̄ɴ), do chuile dhuine (: gu), do (gu) cheachtar aca agus rl. adeirtear. Ach chuala mé 'do gach duine" (du gəx) freisin. Is annamh a theagas gach isteach sa gcaint indiaidh do. "Chuile" is mó a bhíos ann.

Tá daoine ar an Achréidh a dhealaíos an do agus an focal in a dhiaidh a thosaíos le f séimhithe nó guth. I leabaidh d'fhear, d'Earrach (gær : gærəx) a rádh, deireann siad an do (: gu) ar fad agus cuireann siad fuaim ar nós y Béarla isteach ar an f séimhithe nó ar an nguth.

I leabaidh domsa (damsa) deirtear damhsa (dūsə) ar an Achréidh ar an gcéad phearsa uathaidh réamhfhoclac. Tá sé an-tréan ann. Deirtear i sean-ráití nó a leithidí taobh thiar de Ghaillimh é, ach is cosúil gur den Achréidh a tháinig sé .i. "bain pluimín as (: píopa) agus tabhair dhamhsa (: ūsə) annsin é" (Spidéal).

Nach hé is samhaoiní duithe (: di. Spidéal) a bheith annsin / Nach shin é is fhearr dhuit a dhéanamh / Is fhearr dom imeacht / Ní fearr dhuit ceird dá mbeidh ort ná ag pléidh leis scathamh / Ní móide dhó eirghe fós = b'fhéidir nachar eirigh sé fós / Ní móide dhuit é a fháil má theigheann tú ann féin / B'fhéidir don lá glanadh anois = b'fhéidir go nglanfadh an lá / B'fhéidir dó a theacht anocht / An ngabhfaidh mé ag na rástaí, an eadh? B'fhéidir dhom / Is aoibhinn duit (is miniar duit) nach

bhfuil tada ar t'aire / Ní mór dhom (ní fulair dom) a dhul abhaile anois / Ní beag dhuit é / Ní beag dó a dhonacht (a thúisce) / Ní mór liom duit / Is fada dhó a shaol má bhíonn an plúchadh siúd air i gcomhnaí / Tá an rópa sin ro-ghearr dom / Mac dó é / Is duine muintreach di (léithi) mise /[Is comharsa mhaith dhuit é / Céard atá an bodach is mac sin dó a dhéanamh / Cá'il an cneámhaire is deárthair di ar an saol seo? / Dia dhaoib! = go mbeannaí Dia dhaoib agus rl. / Mar sin dóib, agus nár ba réiteach dóib! = in a chéile dhóib agus nar ba réiteach dóib (daoine a bheadh ag troid, agus gan aon-ghnaoi ag an gcainteóir ar cheachtar aca) / Mar sin di agus nar fhagha sí fuascailt (droch-bhean a cuireadh i bpríosún) / Nuair is dubh dóibsean (: do na mámhasaí) is dearg domsa = drámhasaí a bhíodh i gcomhnaí ag an gcearrbhach seo / Nuair ab íseal don cailligh b'árd don chú = nuair a bhíodh an chailleach san ngleann bhíodh an chú ar an árd / Nuair is ól duitse, is obair domsa = bímse ag obair an uair a bhíos tusa ag ól / Ní dhéanfaidh sé níos mó ar feadh domsa a theacht = ach a dtige mise / Chuaigh sé do chodladh th'éis teacht dó]/ Ar a dhul amach dó, thosaigh sé ag troid / Sé a bhí cantal -ach ag eirghe dhó / Tá sé in am a dhul don bhaile mhór / Beidh sceimhle orra ag dul don Achréidh imbliana / Tháinig sé do mo choinne = go dtí an áit a raibh mé le mé a thabhairt leis / Tá na beithigh amuigh fós. B'fhearr duit a dhul dhá gcoinne. / Tá sé imithe dhá n-iarraidh ag an damhsa / Bhí cupla stuca coirce leagtha san ngarrdha sin thoir agus chuaigh sé soir dhá dtógáil / Bhí an féar leigthe amach againn ó mhaidin, agus tá a bhfuil 'san teach imithe dhá ionntú / Móin adeir tú! Tá sé in am a dhul dhá baint anois /[Más leat a dhul dhá gcur i mbliana (fataí) níorbh fhuláir duit tosaí feasta / Duine brocach salach í i gcead duitse. (i gcead don chomhlódar) / I gcead duitse a dhuine chóir ní raibh na gasúir se'againne amuigh chor ar bith aréir, agus ní fhéadfaidh tú a rá gurb iad a leag do chuid claidheachaí / Ní bhaineann an scéal sin duit / Ní bhaineann sé di a raibh mise ag ól aréir nó nach raibh]/ Is fada suas a bhain a (: bhur) gcosa dhaoib = is fada suas a thug ur gcosa sib = níor ceart daoib a dhul suas san áit sin / Is fada isteach a bhain do chuid conórtais duit. Bhí agad fanacht amach as an teach sin / Is mór a bhaineas don cheann céanna. Bíonn a ladar aige is 'chuile

rud / Ceangal an t-asal don chlaidhe / Fuair sé maide agus cheangail sé dhó é / Greamaigh (fastaigh, snadhm, agus rl.) dó é. / Leig dhom fhéineacht = leig dhom = ná bí ag pléidh nó ag fachnaoid, nó ag priocadh liom / Nach breá nach leigfeá dó fhéineacht! [do san mbriathar seo i gcomhnaí agus i "greamaigh", "fastaigh", snadhm agus rl.] / Chítear dhom go bhfuil sé in am baile /[Níl an lá faoi dhuinn le dhul le féar = níl an lá feileamhnach, nó in araíocht / Ní maith an dóigh a dhul ag pléidh le stiléaracht anois mara bhfaghadh duine an aimsir faoi dhó thar cíonn / Ba deacair aon-rath a chur ar fhéar le coicís anois, mar ní raibh an aimsir faoi dhó. Chothaigh sí ro-fhliuch]// Nuair is cruadh don chailligh caithfidh sí rith / Nuair is teann don phortán sea is fann don gearrán /

De = Réamhfhocal, mionfhocal cainte.
De (: ɡu : tá sé ar aon-fhuaim le do.): na forainmneachaí réamhfhocla de "de" daom (: leathan i gcomhnaí); daot (: díot amanntaí, ach is i bhfad ó chéile é); dhe [: ɣə ach deirtear je fearacht an ghotha atá i "breith" go minic. Ach ar aon-chor tá sé an-mheasctha le dhó san gcaint igcuid mhaith áiteachaí cé go bhfuil dhe (: ɣə : je) is chuile áit fós.]; di (dhi)(: dʼə, jə); daoinn; daoib (: dhíb freisin); daob (díob freisin agus daofa ar an Achréidh) [Bíonn siad séimhithe go minic freisin, dhaom, dhaoinn agus rl. Measaim thríd agus thríd gur minicí séimhithe iad ná ar a mhalrait].

Is mór de mhaith atá ag an gceánn sin ar an gceánn seo = is fhearr an ceann sin go mór / Is beag de dhonacht atá air inniu thar agus inné / B'airde é de thrí troithe ná S. / Tá cuid mhaith de bhiseach ag mo laogh-sa ar do laogh-sa / Tá billeóig eile de bhiseach ar an bpáipéar nuaíocht seo inniu = ceánn le cois / Baileóidh tú an fheamainn de dhá charr = níl innte ach dhá charr; ní bheidh tada fágtha ach a mbeidh dhá chárr eile tugtha leat agad aisti / Tiúrfaidh tú leat a bhfuil eile de mhóin ann anois de dhá ualach / Thug sé leis an chruach de thrí lorry / Mharaigh an chú an giorria de dhá léim / Leag sé é de thurraic (tuirric) / Chaith sé an claidhe de rithte reathach / Leag sé é de bhuille mhaide /[Dhonaigh sé d'aon-iarraidh amháin é / Bhuail sé de chic mé / Chuir sé ar chúl mo chinn de dhorna mé / Bhuail sé de chloich ar an dubhlia í (bó) / Dúirt sé an t-amhrán de ghlór breá láidir / Chaith sé amach é de ghorta garta / Thosaigh sé ag gabhail de dhornaí orm]/

Chaith siad an lá ag gabhail de chlocha air / Níor tháinig iadhadh orra ach dhá ghreadadh de chlocha / Ba bhreá an sásamh liom a bheith dhá lascadh de chiceannaí / Dúirt sé an méid sin de chogar liom / Chuir sé an doras dó (dhe) dhá thóin (: len a thóin) / Chuir sé sé isteach an ursain dhá ghualainn / Thuit sé d'fhotromán mór míllteach / Rinne sé de bhallséire orm é / Déarfadh sé de mhíádh é. Is air nach mbeadh an mhoill = déarfadh sé le greann nó le barúlacht é /[De mhíádh a leag sé an claidhe: ag iarraidh an dá theach seo thuas a chur in árachaí a chéile / De ghrá comhlódair a tháinic sé sin / De ghrá comhlódair a theigheas na madraí 'nan Aifrinn / Ní dhá dheóin a a rinne sé é ach dhá ainneoin / Scríobh an leitir de léim / Ní thiúrfainn an oiread dhá chroí dhó agus go n-innseóinn dó é / Ní raibh an oiread de náire ariamh orm agus a bhí orm an oíche sin / Ní raibh de ghoir aige air faoi bharra ach an oiread agus a bheadh ag páiste / Níl de mhaith leis ach sin muis / Ab shin é a bhfuil de rath leat / Níl sé de rath air (: gra an fhuaim go minic) a dhéanamh / Cheal nach bhfuil sé de rath ort an mála a iompar / Má tá sé de spreacadh ionnad an scurach sin a leagan is gínn thú! / Ní dhéanfaidh sé siúd aon-bhuille len a mharainn aríst, mar níl sé de theacht aniar ann aon-bhuille a dhéanamh / Ní raibh sé de neart ionnam eirghe 'mo seasamh leis an ocras / Níl sé de thuisgint (: tuigsint) san diabhal an méid sin féin a rá leis / Níl de bhrí in Ph. C. ach an oiread agus a bheadh i slat mhara lofa / Má tá sé de stuaim ionnad scioból mar sin a dhéanamh breá nach mbuaileann tú faoi theach / Níl de chiall aige ach an oiread le páiste / Ní raibh sé de ghus ann a theacht isteach, th'éis gur chaith sé an oíche ar an tsráid]/ Is beag atá d'oibliogaid annsin deirimse leat = níl mórán oibliogáide ann / Níl mórán de néal air, mise imbannaí! / Shílfeá go bhfuil goile maith aige, ach is beag dhá shlacht atá air in a dheidh sin / Má tá sé ag saothrú ní bhíonn mórán dhá bharr aige / Is beag atá de leas ann (: duine, ball acra agus rl.) / Má tá sé tinn níl tada dá cosúlacht (sin) air / Tá an méid sin d'fhuílleach = fágtha / Bhí an méid sin de bharr aige air = as a chionn; le cois / Ab shin é ar chuir tú de mhaoil ar an gcléibhín / Bhí oiread do dhorna d'at (: de mheall de nioscóid, de chnap, etc.) in a chois / Chítear dom go bhfuil a bheag nó a mhór d'olc air / Sin é mo buíochas anois agus a bhfuair (agus gach agus a bhfuair, an méid a fuair agus rl.) mé d'anró uaidh / Caillfear mé agus a bhfuil de

phian orm ó'n gcois seo / Ab shin é ar mharuigh tú de bhallachaí th'éis thú a bheith ar meath ó mhaidin / Is beag an dochar duit ceas a bheith ort agus a n-itheann tú de cheaille chuile lá / Is beag an dochar duit fuacht a bheith ort agus gan de chlúdadh ort ach an méid sin. / Níl d'aois aige ach sin muis / Ní raibh de lá ann an uair, ach go bhfeicfeá duine idir thú agus léas ar éigin / Breathnaigh amach go bhfeicidh tú an bhfuil tada (mórán agus rl.) d'oíche ann /[Ní raibh de thráigh ann inniu ach go mbainfeá feamainn scine ar leicín na bportán / Níl de mhóin anois aige ach an sumadáinín de chruachín sin. Dheamhan ceó eile! / Céard a dhéanfas muid chor ar bith agus gan d'fhataí anois ag gabhail linn ach an chlúidín sin amuigh san gcró / Ní bhíonn de shúáilceas ag teacht leat ach an t-ocras i gcomhnaí / Cheal nach bhfuil de charannas ann thairis sin / Dheamhan maith dhuit a bheith ag coireadh air anois. Níl d'olc ann ach oiread (: mara bhfuil sé go lách féin) / Má tá sé le dhul chuig an aonach dheamhan a gcloisim de chainnt aige air anois = ní bhíonn sé ag cainnt air anois / Níl de laethulacht ann ach an oiread agus a bheadh san duine is fuide amach uainn san tír théis gur colceathar linn é / Níl de ghreann ann ach cuid an bheagáin / Níl d'acmhuinn grinn aige ach an oiread agus a bheadh ag asal a bheadh faoi mhairceannaí / Sin é a bhfaca mise de chontráil ariamh ann, ach níor bheag sin, arsa tusa / Mara bhfuil gnaoiúlacht ann, níl de (den) thútaíl ann ach oiread / Mara bhfuil sé fáilí dheamhan a bhfuil mórán den drochmhúineadh ag siúl leis ach oiread, ná cuid de dhrochmhúineadh / Mara bhfuil den mhaith ann níl den olc ann, agus is mór is fiú sin féin / Dheamhan oinniún a chuir mise ná cuid dhá chur]/ Ní fhaca mise é ná cuid dá fheiceál / Dheamhan ar dhúirt mise é ná cuid dhá rá / Buaileadh é ab ea! Muise dheamhan bualadh ná cuid de bhualadh / Shíl mé nach mbeadh sé d'fháilíocht ann labhairt linn chor ar bith / Dheamhan "collar" ná "tie" a bhí ormsa ná cuid dhá raibh, arae níl sé de shuimiúlacht ionnam / Tá sé de bheith (bhreith) air a bheith ag ól / Mara bhfuil de bhacainn ort ach mise muis, níl aon-údar clamhsáin agad / Ní den chríonnacht an chruínnteacht (an chínnteacht) / Ní den chomharsanacht cleas den tsort sin = ní dhéanfadh comharsa rud mar sin ar chomharsa eile / Ag déanamh láíocht liom a bhí tú!

B'fhéidir gur den láíocht duine a ghortú! / Is den uaisleacht a dhul dhá shiúl (aistir), nuair nach bhfuil a chapall agus a shrian aige. Ní thiúrfadh sé sin le rá anois go ndéanfadh sé aithrist ar dhaoine dona agus imeacht ar "bhicycle". Ach sin uaisle anuas de lota na gcearc anois aige í sílim /[Is don ádh an tráthúlacht = an té a bhíos tráthúil bíonn an t-ádh air / Sin braon (: poitín) agus ní den díoghadh é ach oiread = ní hé an chuid is measa é / Is fhearr de bhean í ná do bhean-sa th'éis a bhfuil de ghaisce agad aiste / Ní mó d'fhear ach is láidre d'fhear é trí h-uaire ná an ceánn eile / Ní caoile de bhóthar é ná an áit sin amuigh ach is contúirtí de bhóthar é go fada / Ní fearr de "bicycle" é ná mo cheannsa / Ní h-éadtruime de chapall í ná capall A. ach bhuailfeadh capall A. caoch agus sramach í in a dheidh sin / Is airde é P. ach is mó de cholainn atá ag D. ná aige / Ní ghabhfainn ann chor ar bith ach d'fhonn a bheith in éindí libse. / Ní chuirfinn araoid ar bith air, ach d'fhonn a splancadh / Chaith sé cláirseach de smugairle amach / Bhí staic de mhaide aige / Bhí spealóig dheas de chamán aige / Bhí buidéal de fhuisce Mhuighcuilinn aige / Tá starróig d'fhiacail agam agus í briste / Tá cuid de scadáin lofa Ph. Ch. agad / Carachainín de chleiteachán de dhuine atá ann = duine beag meathta gágach / Ceolán beag de bhuinneacháinín nach fiú do sheacht mallacht atá ann / Forránach d'fhear lúfar láidir é / Aircín de dhíolúnach de laogh é / Pleota d'fhear é. Ní tada eile é / Cleiteachán de chléitheachán gan mhaith ar bith é / Rúisc de chuaille í / Amparán mór de dhuine é / Sudóigín de shuaróigín dhona de ghearr-chaile í / Sean-bhean atá de chailín anois aige / Tá sagart de mhac aige, agus is mian leis a mhótar a chur i mullach chuile shórt ar an mbóthar]/ Tuí atá de leabaidh aige / Sin é an geóspailín beag d'fhear a mbíodh an mála de dhiallaid aige ar an mbicycle / Fráma leabthan atá de gheata aige ar an tsráid / Feóil ar maidin agus feóil trathnóna agus feóil in am dinnéir! Diabhal mé gur shíl mé ar an gcaoi a raibh sí ag caint gur stiallógaí feola a bhí de dhíon ar an teach aice! / Dá bhíthin sin, dhá bhrithin sin, dhá réir sin, dhá bharr sin = mar gheall air sin / Tá lán an tí de pháistí aige / Tá lán mo chruite d'fhaitíos orm / Bhí lán mo bhéil de sweets thuas agam / Níl leath mo bhéil de arán annseo / Níl díol na h-oíche de mhóin istigh / Níl lán mo ghlaice de bhean innte = bean an-bheag í / Níl oiread amén de

chloigeann air / Níl dóthain dreóilín de phlúr san teach / Tá sé ag fáil
tuirsiú a láimhe d'obair (de mhná, d'iomra, agus rl.) anois = a dhóthain, a dhíol, ach
gan an iomarca / Tá a sháith go bínn aige den mhóin anois = tá sé
tuirseach di nó tuirsithe aice / Níl caochadh do shúil de thobac agam =
dubh na fríde / Tabhair dhom deoch den uisce = deoch uisce / "Deoch den
uisce de bhárr na líne a mbáitear ann an líon" [as "Róisín Dubh".
Bíonn an t-alt mar seo in áiteachaí nach mbeadh aon-tsúil leis] / Bhí
an iomarca den chaint aice. Sin é a d'fhága réidh í / Tá do dhá dhíol
den ealadhain (d'ealadhain) agad ar fad /[Déanann sé a sháith den
chumadóireacht ar aon-chor / Ní bhíonn faice de na bréaga aige / Tá
mo dhíol den spealadóireacht agamsa aríst imbliana / Tá foracún
maith den fheamainn bainte aige / Níl mórán den aoileach le cois
agam anois = níl mórán aoiligh agus rl. / Déanann sé a chuid féin den
chuartaíocht ar chaoi ar bith = déanann sé a sháith go maith den
chuartaíocht / Tá a chion féin den ámhailleacht ann ar aon-chor /
Fanadh chuile fhear de phortach ar an aimsir seo = de na portaí / Choinnigh
sé de shliabh ar fad = d'fhan sé de na sléibhte (nó as na bailte sléibhe
atá i gceist annseo) / Cho luath agus a tháinic mé d'fhairrge (den fhairrge)
chuaigh mé a chodladh / Tá sé in am ag chuile dhuine a bheith imithe de
bhóthar (: den bhóthar nó de bhóithrí ar bith) anois. / Tuitim de chlaidhe a
ghortaigh é / Ní dhiúltóidh sé d'abhainn nó go mbeirtear air = He won't
renounce rivers (river-poaching) agus rl.]/ Chuartaigh mé an taobh thoir
d'abhainn ar fad = an taobh thoir den abhainn. [Bheitheá ag súil
le "den abhainn" annseo mar is abhainn áirid amháin atá i gceist;
mar seo adeirtear i gcomhnaí é. / Bhí an mhuintir taobh thiar
d'abhainn in a ngamal an uair sin d'uireasa droichid. Ní raibh
aca ach a dhul an charra / Sín linn sin taobh ó dheas de dhroichead í.
Annsin a bhí sé / Ní dheachaidh mé taobh ó thuaidh de chlaidhe chor ar bith / Tá
limistéar mór talúna taobh thoir de bhóthar agam ach diomallachaí ar
fad é / Tá an cúl taobh thiar de chlaise curtha againn. / Tá an easca taobh
thiar de loch ar fad triomuithe anois / Beidh a bhfuil ó dheas de chuan annseo
uiliog Dé Domhnaigh. Sin é a mheasaim / Tá a bhfuil ó thuaidh de shruthán ar
fad le baint dó. Deir siad go bhfuil ar chaoi ar bith //[Sna leagain seo ar
fad níl ach droichead, bóthar, abhainn agus rl. amháin igceist. Níl sna

h-aiteachaí ach an bóthar, an droichead etc. áirid seo] / Níl d'fhascadh aige ach lorg na bó ar an gcrangaire / Chaithfinn an lá in mo leabaidh dhá mbeadh a fhios agam go bhfanfadh sí dhíom (: casacht a bhí air) = dhá mbeadh a fhios agam nach mbuailfeadh sí mé / Bhí mé in anchaoi aige (: tinneas mo bhuilg) ach ó thug an dochtúr an tsiuróib sin dom, d'fhan sé dhíom / Ól neart fuisce agus feicfidh tú fhéin air go bhfanóidh sé dhíot (slaghdán) / Is cuma duit é ach an t-Earrach a bheith dhíot = a bheith críochnuithe agad; é a bheith déanta agad / Dhá mbeadh an sagart dhaoinn (dhínn) againn bheadh linn = beidh an t-éisteacht san teach se'againne imbliana agus dá mbeadh sé thart, bheadh muid ceart / Cuir an siopa dhíot 'un tosaigh = teirigh go dtí an siopa agus déan do ghnaithe ann /[Tá an portach rómham fós. Faraor gan é dhíom agam / Má tá sé roimhe níl rud ar bith is fhearr dhó na a chur dheith (: dhe, dhó) / B'fhearr dhuinn go fada dhaoinn (: dhínn) ná romhainn é = ceann oibre eicínt atá le déanamh. B'fhearr déanta í ná í a bheith le déanamh / Sé phunt a d'iarr sé agus dhá mbeadh muid leis go ndéanfadh dia diarmuid dhaoinn (: dhínn) ní scéithfeadh sé an leithphínn dheith (: dhe, dhó)]/ Cé dhár díobh thú? = cé'n sloinne atá ort? [bíonn an b in díobh séimhithe san leagan seo agus d caol a bhíos ann is chuile áit] / Is cuma san diabhal cé dhár díobh é, dhá mba de tincéaraí féin é, ach is gleóite an duine é / Cuir dhíot (d maon ar fad, ach séimhithe scaithtí) = seo é adeireadh gadaithe agus rógairí reatha le daoine a bhídís ar thí a rubáil; nó abair rud eicínt; cuir ar do shon fhéin / Bain díot (do chuid éadaigh) / Ní bhainfidh mé cion do thomhaise dhíot = tiúrfaidh mé cion do thomhaise dhuit / Déanfaidh mé an t-aon-lá amháin díot = maróidh mé thú ar áit na mbonn / Tá mé ag baint lá dhó (: nó lá dhe) = ag caitheamh an tsaoil; ag caitheamh an tsaoil i leabaidh a chéile gan gleó gan torann / Scaoil díot na h-éadaí fliucha sin / Thuit sé den chlaidhe / D'fhiafraigh sé dhaom an raibh aon-uain le díol agam / Caith dhíot / Chaith sé dhó (: dhe) in a chraiceann / Chonnaic mé é de bhárr an tighe (: a bheith tuas taobh amuigh ar an teach. Chonnaic mé é as barr an tighe nó ó bhárr an tighe: ón áiléar taobh istigh) / Ní fheicfeá den traen é (: as an traen nó ón traen; ach ní féidir den charr, den mhótar a rá: as an mótar, ón mótar) / D'fheicfeá a theach den bhóthar (ón mbóthar) / Chonnaic mé isteach

uaim den fhairrge é (ón bhfairrge), den loch, den abhainn, den sliabh
etc. [Ach as nó ó na garrantaí, ó na páirceannaí) / D'imigh
sé de shiúl oíche (de dhruim oíche) /[Bíonn sé in a chodladh d'oíche agus de ló /
Eiríonn sé de ghnáth ag an deich / Níl fear dhá maireann nach mar sin
atá (gach fear dá maireann, chuile fhear dá maireann, an fear is
fear dhá maireann, fear eicínt dá maireann, fear ar bith dhá
maireann, aon-fhear etc. agus rl.) / Dhá mhéad cainnte dhá bhfuil aige (atá, a bhíos freis-
in; ach is minicí a chuirtear isteach an de .i. dá in athuair) is gearr
le dhul é / Dhá dhonacht é (: dhá dhonacht dhá bhfuil sé; ní abróchaí "dhá dhonacht
atá sé"), is fhearr é ná a bheith dhá uireasa / Níl aonduine dhá
dtiocfaidh (: níl aonduine a thiocfas) nach bhfuighidh gloine / Gach fear dhá
mbéarfaidh air cuirfidh sé driog ann]// Níl de chailleadh air = níl sé basctha /

do (tuilleadh) de
Tháinig ciall dó = chuaigh sé chun céille / Níl aon-bhiseach ag teacht dom fós /
Ach a dteaga tuilleadh aoise di, tiocfaidh tuilleadh céille di / Tháinig
misneach dom nuair a chonnaic mé T. ag tabhairt a ndúshláin / Tháinig
grádh (cion, searc, gean, rl.) agam di /[Teagann olc agam dó chuile
uair a bhfeicim é ag imeacht ag straoisireacht mar sin / Níor tháinic
aon-aiteal (aithdeal) don lá fós ar aon-chor = ní dheárna sé aon-aiteal /
B'fhéidir go dtiocfadh athrú don aimsir anois / Tháinic méid duit le goirid
bail ó dhia ort = mhéadaigh tú / Beidh tú láidir ach a dteaga tuilleadh de
do bhiseach = ach a dteaga méid duit / Níl neart ar bith ag teacht dó
= níl sé ag neartú / Ní fheiceann tú cosúlacht triomaigh ar bith ag
teacht dó = an lá ag scartadh nó ag glanadh / (fc. freisin dul, gabhail) /
Tháinic croí dhom nuair a chonnaic mé thú = tháinig gliondar orm / Tháinic
dhá chroí di, nuair a chuala sí go raibh sé ag teacht / Croí dhuit a
mhic ó! Nár laga Dia thú! = déarfaí é le duine a bheadh ag gabhail
fhuinn nó a leithide / Croí dhuit! Faoi do chois é! Ná raibh tú tinn! /
Bhí sé ag cur dhó (: dhe) ar nós an diabhail = ag caint go h-acmhuinneach; ag
glagaireacht; ag siúite troda // Diabhal a bhfuil ar fónamh dhíom = níl mé ar
fónamh / Dheamhan a bhfuil go h-olc dó (: dhe) ach a dhul dó go deas / Dheamhan blas dó (dhe)
nachar tharraing dorna orm = tharraing sé dorna orm / Níl go dona dhíom, dhá
bhféadainn tada a ithe = tá mé maith go leór, ach nach bhfuil ithe mo chodach ionnam /
Níl basctha den lá chor ar bith / Níl mór dhó (: dhe) ach tá sé an-tsuite, an-déanta /

Domblas (dumlus) = ainm-fhocal, fireann; geineamhnach uathaidh; domblais.
Domblas = sórt rud a bhíos ar aobha beithidhigh; rud an-searbh; galra beithidheach; brón, buaidhreadh; ceas; fuath; searbhadas; seirbhthean; olc; faltanas; gangaide.

"Domblas mór. Má bhíonn an giolla duilleach cho cruadh leis an gcloich, agus buinneach taobh amuigh dó. Ní leághann an giolla duilleach é chor ar bith. Bhainfeadh neart purgóideacha as é. Bíonn na h-aobha agus na scamhógaí ag imeacht lobhtha mar bheadh gruth buidhe. Tá a fhios ag búistéaraí paiteanta 'chuile shórt faoi" [ó Mháirtín Ó Chadhain Cnocán Glas, Spidéal, Gaillimh] / "An domblas mór: bíonn beithidhigh agus caoirigh agus capaill lobhtha leis" [ó m'athair] / "Tá domblas is 'chuile shórt: induine agus i mbeithidheach. An domblas mór: attann cnapáinín atá istigh ins an méadail" [ó Mhícheál Ó Cheannaigh — Cearnmór, Baile an Chláir] / 'Ar ndú, seadh!: tá domblas uirre: buinneach a bheadh ar bhó agus nach n-eireochadh sí léithe. Bheadh sí tolgtha taobh istigh" (: ó Bheairtle Ó Fhlaithearta, Camus, Casla, Conamara] / "Tá domblas istigh ar aobha nó bó. 'Cheal nach bhfaca tú ariamh é! Atann sé sin, agus déanann sé domblas mór. An bhó a dtiocfaidh sé uirre, mara gcuiridh purgóideachaí aiste é, drochsheans atá aice a theacht uaidh. [Bhuail sé bó liomsa annsin an bhliain cheana agus chaith mé an tsíorraidheacht léithe, ag tabhairt 'chuile shórt di, ach dheamhan maith a bhí ann. Thug mé an "vet" go dtí í, agus th'éis lán laidhre a thabhairt dó, dheamhan maith a rinne sé dhi]" [ó Bheairtle Ó Fhlaithearta, Camus, Casla]. / Tá sé ag séideadh in a dhomblas mhór uirre. [Má sin é atá uirre muis, dheamhan a fhios agam céard adéarfainn léithe. Is deacair leo a theacht as sin]/ Ag iarraidh purgóid' atá mé ag dul, l'aghaidh bó atá agam a bhfuil an domblas mór uirre / [Ní hé an domblas mór a thug aon-bhás di. 'Nuair a d'oscail muid í, bhí buiric ar na h-aobha. Bhí an domblas athta orra, ach ba bheag é. Bhí rud eicínt eile uirre freisin. Ach chreidim gurb é an cás céadna é. 'Nuair nach mbíonn siad ag dul do dhuine, tá rud ar bith indon bás a thabhairt dhóib]/ Bhí capall agamsa annseo uair: Ceannfhinn a bhí uirre. Cailleadh í leis an domblas mór. B'fhada a

sí idir-chámanaí agus gan fios ar theacht nó imeacht di. Ach níor dhubhairt an luighe fada bréag ariamh. D'imigh sí ins an deireadh / [Ní fhagann an oiread aca bás leis an domblas mór anois agus a d'fhaghadh fadó. Tá purgóideacha níos fhearr ar an saoghal seo.]/

Domblas a thug siad do Mhac Dé 'nuair a bhí sé ar an gcrois aca. Bhí na Ghiúdaigh go h-olc a dhearbhráthair mo chroidhe thú / Ní fuisce a thiubharfadh sé len ól do Ph. ach domblas dá bhféadadh sé, ach caithfidh sé é a choinneál leis anois nó go mbeidh an tuairt seo thairis /[Meastú nachar tháinic sé isteach indé ag iarraidh deoch uisce, ach ní uisce a gheobhfadh sé uaimse ach domblas dá mbeinn istigh roimhe. Ba bheag an luadh a bheadh aige a theacht isteach 'nuair a d'fhéadfadh sé fáirnéis eicínt a thabhairt dúinn faoi'n gcúirt. Baoghal air. Tá sé sin sáthach imeartha agus fios maith aige faoin a bhealach féin]/ Dhá mbadh domblas anois é, gheobhaidh sí len ól é! Dheamhan baoghal orm a dhul ag cur aistear orm féin go dtí an tobar, ná cuid de bhaoghal // Tá an domblas in a croidhe sin = tá sí olc, gangaideach, fealltach, nó buadhartha /[Chuaidh an domblas in mo chroidhe an lá a raibh siad in a gcionntsiocair le mo mhac a mharbhú]/ Sin í an ceann a bhfuil an domblas innte. "Faraor" adeir sí nach bhfuil 'chuile dhuine ar an bhfeádhain aca ag dul ins an áit a bhfuil sé sin ag dul", agus í ag breathnú ar an gcorp ag casadh ceann an bhóithrín / Is beag an dochar de'n créatúr an domblas a bheith innte. Fuair sí a ábhar: a fear agus a triúr mac a chur in aon-bhliain amháin. 'Ar ndú' 'sí is fhearr ar bith nach bhfuil sí thíos 'sa talamh fadó /[Tá a díol domblais innte dhá bhféadfadh sí aon-cheo a dhéanamh, ach ní fhéadann]/ Dheamhan maith dhuit ag caint mar sin. Tá an oiread aithne agamsa uirre agus atá agadsa, agus níor chuala mé aon-fhocal domblais ar a teanga ariamh. Chítear dhomsa go bhfuil sí cho feilmheanach le aon-bhean dhár casadh orm ariamh /[Is furasta a aithinte go bhfuil an domblas 'sa gcroidhe aige. Marach go bhfuil ní shin í an chaint a bheadh air. Tuige nachar chuir duine eicínt agaibh in a thost é … muise go leigidh Dia a shláinte do Pheadar. Sin í an chaint chéadna le rádh leis]/ Duine a

chonnaic an oiread de'n tsaoghal leis sin, agus ar cuireadh an oiread sin tream-
páin air, is suarach an t-iongnadh go bhfuil sé doscúch, agus go
bhfuil an domblas ins an gcroidhe aige. Dhá bhfaghainnse ná thusa a
leath-oiread údair, ba sheacht measa a bheadh muid // Chuir sé é féin
'un domblais leis = chaith sé an iomarca dhe (: beatha, ól, earra ar bith,
damhsa, spraoi agus rl.); tháinic ceas air dhá bhárr /[Beannacht Dé dhuit!
Chuir muid muid fhéin 'un domblais le'r ól muid. Beidh a shliocht air:
is fada aríst go dtaobhuighidh cuid againn aon-teach ósta]/ Chuir
sé é féin 'un domblais le'r ith sé de runnachaí úra. Luigh sé
ar an leabaidh annsin gur chodail sé smailic. D'eirigh sé
taca an seacht a chlog agus fuair sé gabhair Sh. 'sa tsail. Bhuel
chuirfeadh sé na diabhail de'n Chruaich ag eascainí, agus air fhéin
is mó a bhí sé dhá dhéanamh agus ar na runnachaí /[Sé'n fáth
domsa gan aon deoir a ól: bhí mé Domhnach annseo, tá naoi nó
deich de bhlianta ó shoin, agus casadh ag "stillhouse" ar an Mh. M. mé.
Bhí an iarraidh críochnuighthe go díreach aca: muintir Mh. Á. D'ól
mé an oiread dhó agus gur chuir mé 'un domblais mé féin leis shul
ar fhága mé an "stillhouse". Anoir tigh Mh. Á. linn annsin, agus
d'fhan mé ann an lá sin agus an lá in a dhiaidh, agus mé tuithte dállta
i gcaitheamh an achair. Ní raibh mé agam féin ceart go ceann
míosa. Dubhairt mé liom fhéin hébrí céard a dhéanfadh Dia liom
nach mblaisfinn d'aon-deoir phoitín aríst go bráth]/ Ara ná
bac leis sin! Chuir sé é féin 'un domblais le mná, le ól, le
spóirt agus 'chuile chineál drabhláis as tús a óige, agus níl sé a
iarraidh anois ach suaímneas / Eirigheamuid as an damhsa anois
go ceann míosa nó cupla mí, nó cuirfeamuid muid féin 'un
domblais leis. / Chuir mé mé fhéin 'un domblais leo annseo an
bhliain cheana. Níl aon-oíche 'san aer nach mbínn ag cochall-
óireacht, ach d'eirigh mé asta ar fad ó a phós mé. Is deas
blasta an béilí í eascann muise scaithtí /[Ní chaithfidh mé níos
mó. Chuir mé mé fhéin 'un domblais leo mar "fags" aréir. Is leath-
meisce ar dhuine iad agus é ag ól]/ Cuirfidh tú thú fhéin 'un domblais
lena mná mara dtugaidh tú scíth dhuit féin. Nach ndéanfadh
cupla oíche 'sa tseachtain thú, agus gan a bheith sáithte in éindigh
léithe 'chuil' oíche /

Dona, dan, donacht, donas, donán, donáinín, dóirne (fc. donóg, donánach freisin)
dhon, dan, dona, donas = focla a mbaintear leas asta in aisfhreagra.
Má chuirtear ceist nach dtaithníonn leis ar dhuine, nó má
tá duine eicínt ag dilleoireacht leis, nó dhá shárú ag fiafraí
rud eicínt dhe, deir sé: (a) donas (dona agus ?) diabhail (nó deamhain:
d ' ən un ') h-iaraí (: fhiafraí?) ort; nó (b) don h-iaraí agus mo chuid
tubaiste ort; nó (c) donas t'iaraí (tīərī) ort; nó (d) ná raibh
don iaraí ort; nó (e), ná raibh dan iaraí ort [(a) is mó a chuala
mé: chuala mé (b) agus (c) i gCois Fhairrge freisin, agus (d) agus (e) san
gCeathramhain Ruaidh].

Don deamhain h-iaraí ort! Tá mé sáruithe agad. Gabh agus fagh
amach é, má tá sé ag déanamh an oiread sin imní dhuit / Don
agus diabhail h-iaraí oraibh agus leigidh dhom. [Tá mé reicthe agaibh ó
mhaidin. Tá rud eicínt ar m'aire-sa anois thar agus a dhul ag
innseacht scéalta dhaoibse]/ Don h-iaraí agus mo chuid tubaiste ort
— croisim arís thú! — marab ort atá an chabaireacht. [Tá
do dhá dhíol le rá agus le fiafraí uiliog agad. Ní túisce rud
fiafruithe agad ná rud eile. Cá bhfios domsa ó árd-bhonn
aíochaí an diabhail cá'il P. Sh. anois! / Don h-iaraí agus mo chuid
tubaiste oraibh marab í an chaint atá in a díle oraibh. Breá
nach dtiúrfadh sibh scí dhá dteanga (dho ur) uair eicínt.
Shílfeá gurb í an taoille atá ag teacht oraibh leis an anbhá
cainte atá oraibh!]/ Ná raibh don h-iaraí ort mara beag an
dochar dhuit náire a bheith ort ag fiafraí rud den tsórt sin. /
Donas t'iaraí ort agus éist liom. Nach thú atá caidéiseach.
[Nach mór a bhaineas sé dhuit céard a bhí sí a dhéanamh annseo.
Bhí sí ag déanamh a gnatha. Baineann chuile mhíle rud do chuid
de na daoine i leabaidh dóib a bheith amuigh in éadan a gcuid
oibre / Ná raibh dan iaraí ort agus éist do bhéal! Cá bhfios domsa
céard is cor dóib, agus ní miste liom cá dtuitfidh a gcodladh orra
mar ní hé a gcuid cúrsaí atá ag déanamh imní dhom]/ Don agus
diabhail h-iaraí oraibh, an bhfuil a fhios agaibh anois é!
Neart slaite a thastódh uaib. Sin í an cailín a chuirfeadh in a
sost (in ur) sib, agus a chuirfeadh faoi ndeara dhaoib eirghe as
cainteannaí de'n tsórt sin /

Dona (donas?) agus dóirne = i leagan amháin. Cineál eascainí. Tá sé tréan mar seo i sean-scéalta ach bíonn sé i gcaint scaithtí freisin.

Mo dhona agus mo dhóirne orm má leigim as seo thú = mo chrádh agus mo mhilleadh chugam má leigim as seo thú = ní leigfidh mé as seo thú nó is cinniúint dubh agus dubh orm é /[Mo dhona agus mo dhóirne orm, mara bhfuil an gort foghluithe uiliog ag na beithigh / Mo dhona agus mo dhóirne orm má imríonn aon-bhacach as an L. B choíchin ormsa. Dar fiadh ní imreóidh, nó is fear cáillte mé / Mo dhona agus mo dhóirne ort le cleas a dhéanamh! Is beag an dochar dhuit náire bhruithte a bheith ort, ach níl, mar níl aon-náire ag siúl leat ná tada dhá shórt / Mo dhona agus mo dhóirne ort a dhiabhlánach asail! Tá sé imithe ar an scuir aríst. Nach gearr goirid a bhí sé ag leagan an chlaidhe!]/ Mo dhona agus mo dhóirne ort nach leigeann dom. 'Ar ndú ní comórtas duit mise le bheith ag séideadh fúm an tráth seo de mo shaol. Teirigh ag plé le do "mhatch" féin agus fág mise le m'anshógh féin. Sé is córa dhuit a dhéanamh, sé sin / .

dona: Aidiacht, Do-bhriathar = olc, tinn, craithte, suarach agus rl.
[Breis-chéim agus rl. = is measa, níos measa, ach deirtear is dona agus rl. go minic freisin]
Duine dona é (duinín dona) = duine gan lúd gan spreacadh, duine gan mhaith ga mhisneach; othar; duine gan aon-chiall; duine beag-mhaitheasach / "Tugann an duine dona dubh-léim" (fc. dubh, dubh-léim) / Caith ar chrann dona é (fc. crann) / Beainín dhona chaillte í / Suaróigín dhona í / Laogh dona é = gan aon-ordú ná aon-teacht suas faoi / Piodarláinín dona de ghasúr atá aige / Bóín dhona shuarach í / Lá dona é = droch-lá /[Teach dona atá aige / Obair dhona a dhéanfas sé ná atá sé indon a dhéanamh / Saol dona é / Tá sí ar aimsir cho dona agus a tháinic imbliana dhá mbeadh neart air / Gaeilge dhona atá aige (amharc dona atá aige, siúl dona atá aige agus rl.) / Eirghe dona atá sé indon a dhéanamh = níl ann ach go bhfuil sé in don eirghe de'n leabaidh, de bharr tinnis / Ithe dona atá mé indon a dhéanamh ag na fiacla atá agam / Scríobhadh dona atá sé indon

a dhéanamh. Céard a chaith sé ag dul ag an scoil ach bliain nó dhó ar a mhéid? / Obair dhona a dhéanfas mise ná aonduine atá in m'aois. Is gearr nach mbeidh siúl an bhealaigh ionnam ní áirím a athrú /[Sin í an ghróigeadh dhona a dhéanfas sé sin, mar nach air a ghnatha a bhéas áird aige / Ciall dhona a bhí agam an uair a fuair sé bás. Ach is cuímneach liom go maith é, mar sin féin = ní raibh ionnam ach gasúr beag bídeach]/ Ciall dhona atá aca ná a d'fhéadfadh a bheith aca. 'Ar ndú' ní ag iarraidh céille a bheitheá ar pháistí in a n-aois / Saol dona atá aige ná ag duine ar bith a bhfuil a dheis air / Aonach dona a bhí ann. Diabhal níos measa (: "the devil a worse". "Measa" adeirtear i gcomhnaí i gcás den tsórt seo, is cuma cé'n tsár-chéim a bhíos ar dhona ag an gcainteóir ar ocáidí eile] / Tráigh dhona í. Diabhal níos measa (a d'fhéadfá a iarraidh; nó leagan eicínt mar sin iontuigthe in a dhiaidh) / Droch-thalamh é. Diabhal níos measa ann /[Madadh droch-mhúinte é. Diabhal níos measa ann]/ Druncaera críochnuithe é. Diabhal níos measa faoi na bruit (brait. San tír, in Éirinn agus rl.) / Sin é an duine dona i gcomhnaí. Ní bhíonn breathnú siar ar bith aige ar an "gcois thínn", ach a mbíonn aige a chaitheamh de rith agus de léim / A dhuinín dhona, céard a bhéarfadh dhuitse a bheith indon aige? / Is maith í an fhoighid, ach is dona í an fhaillí (fc. foighid) / Is dona thú nachar fhreagair é = bhí agad é a fhreagairt / Nach dona thú nachar bhuail é! /[Nach dona thú feasta coichín mara bhfuil tú indon an méidín sin a dhéanamh / Is dona é muis má sin é a bhfuil de mhaith leis / Is dona atá mé indon é a dhéanamh, ach ó thárla nach bhfuil mo mhalrait ann buailfidh mé faoi / Is dona atá mé indon eirghe chor ar bith, ach caithim a bheith ag crochadóireacht liom in a dheidh sin / Is dona atá siúl an bhóthair ionnam, ní ceasacht ar Dhia é, agus mar sin fhéin ní mór dhom creachlaois eicínt a dhéanamh / Is dona a d'fhéadfadh sib a dhul ar fairrge inniu. Níl an lá in araíocht / Is dona a bhí mé indon mé féin a thabhairt abhaile, ní hé amháin aonduine eile / Is dona a d'fhéadfadh sé a bheith scór blianta fhéin fós, gan trácht ar a bheith cúig bhliana fichead]/ Is dona atá dhá lorry féin innte gan bacadh le trí

cinn / Is dona a bhí eirghe 'mo sheasamh ionnam agus gan a dhul ag damhsa / Is dona atá mé deich gclocha agus gan a bheith dhá chloich dhéag / Is dona an tuarastal aon-tsagart amháin fhéin ag na daoine agus gan beirt shagairt a íoc / Is dona a chruthaigh tú nachar bhuail é = bhí agad a bhualadh /[Is dona a chruthaigh sé muis. Gheobhadh sé ar shladmhargad iad an lá sin / Fágann sin go dona é muis, mara bhfuil sé indon céad meáchain a árdú = cruthaíonn sin go bhfuil sé go dona (gan aon-lúd) / Fágann sin go dona tú mara bhfuil tú indon tada a ithe thairis sin]/ 'Sé is measa ("measa" ar seo i gcomhnaí) dhá bhfaca mise ariamh. Níl meabhair ar bith ann / Is tú is measa faoin mbogha bán mara dtuigeann tú an méid sin agus an fhad agus atá tú ag dul ag an scoil /[Ba dona an lá dhó an lá ar fhága sé an baile seo. Bhí sruth agus gaoth leis agus min in a chomhra cho uain agus a bhí sé annseo / Nach dona ó'n ngamhainín sin rud a ithe. Níl bail ar bith air ag ithe a chodach / Nach dona uaidh leitir a scríobhadh. Shíl mé go raibh riar scoláireacht thairis sin air]/ Tá mé go dona le doigheachaí (ag doigheachaí) / Tá sé go dona le cois tinn / Bhí mé go dona ag (le) an slaghdán an tseachtain seo caithte / An rud a fhaightear go dona imíonn sé go dona = sean-fhocal = an rud a chruinnítear ar dhruim an diabhail imíonn sé ar a bholg (fc. druim) /[Is iomdha airgead a rinne sé sin, agus ba mhaith uaidh, ach d'imigh sé go dona in a dheidh sin = ní dheachaidh aon-chaoi air / Feicfidh tú go n-imeóidh an t-airgead mailíseach go dona fós. Níorbh é leath-chóir Dé é mara n-imíodh / Caith-eann sé a mbíonn aige go dona = go drabhlásach / Is dona an rud do dhuine a láimh a bheith i mbéal an mhadaidh aige má fhéadann sé]/ Tá sé (: an scéal sin) ro-dhona dhá mbeadh neart air / Leig tú uait go dona é. Bhí agad a thapú / Leig tú an deis sin uait go dona / Fuair sé úachta agus is dona a chuaigh sí dhó (fc. dul) /[Is dona a chuaigh an t-aistear sin dó / Tá an fuisce go dona ag (do) an gcroí / Is dona é an fliuchán ag duine, dhá bhféadadh sé fanacht uaidh / Tá mé go dona gan speal]/ Níl go dona ann ach an té nach bhfuil ag saothrú tada = tá daoine eile go dona

b'fhéidir ach eisean is measa ar fad. / Ní raibh go dona ann ach mise, arbh éigin dom siúl abhaile / Ní bheidh go dona ann ar ball ach an leota a bhéas caithte amach / Tá mé go dona le mo chois / Tá sé ag cothú (ag coinneál, ag fanacht agus rl.) go dona i gcomhnaí (othar, droch-lá agus rl.) / Tá sé go h-an-dona (rí-dhona, fíor-dhona, sár-dhona, meath-dona, réasúnta dona, sách dona, dona go leor, an-dona de'n tsaol agus rl.) / Ní dona go dtí é / Is maith dona é = tá sé dona go leor / Nach tú atá go dona againn anois cheal tobac! = aren't you badly off for tobacco! / [Nach hé atá go dona againn nach bhfaghann sé cead a dhul ag rástaí!]/ Gabhfaidh an píopa sin go dona duit má chaitheann tú mórán dhe (fc. dul) / Ba dona léithe an talamh le ceannacht = cheap sí go raibh sé ro-dhona /[Ba dona leis an fáilte a chuaigh roimhe, agus diabhal easna dhó nachar thug dhá shiúl abhaile aríst é / Ba dona linn an lá le dhul ann / Is dona leis an aimsir le dhul ag plé le féar / Níor dhúirt sé "is dona a rinne tú é", nó "is maith a rinne tú é". Dheamhan an smid fhéin a tháinic amach as a bhéal = níor thug sé le tuiscint gur thaithnigh mo ghníomh leis nó go raibh sé in a aghaidh / Dhá n-abraítheá leis sin gur mharaigh tú duine, ní abródh sé leat "is dona a rinne tú é". Sin é an sórt duine é]/ Dhá mbuailtheá isteach ar an smut é, ní abródh sé go mba dona a rinne tú é. Tá sé an-réidhchúiseach / Is dona a fríodh (fríothadh) muid, má tá bacach mar sin indon eirghe in ar mullach = is daoine gan mhaith muid /[Is dona a fríodh thú 'mo choinsias, má leigeann tú uait é gan druimeáil bhuailte a thabhairt dó]/ Buaileadh go dona é / Caitheadh go dona leis = cuireadh mí-chumaoin air / Is dona an chaoi dhó a bheith mar sin: ag fanacht ó'n Aifreann / Is dona í a cheird, ní dhá roint leis é = níl a chuid oibre nó a chuid gníomhra, nó a iompar ionmholta / Is dona an chaoi é, a bheith tinn / Níor labhair mé leis olc maith ná dona = chor ar bith / Bhí go maith agus ní raibh go dona. D'imigh mé féin liom. = bhí sin mar sin; bhí an méid sin thart. [Baintear leas as go minic dhá mbeadh duine ag innseacht scéil] /[Bhí go maith agus ní raibh go dona. Tháinic mé féin abhaile. / Dona go leor a mh'anam! Tá do scéal sách dona / Dona go leor mo choinsias! Tá do sháith ar t'aire / Dona go leor a tháilliúir!]

= dhá n-innsíodh duine gearán duit, ach gan an gearán a bheith ro-dhona in a dhiaidh sin / Chaill tú do phíopa. Dona go leor a thailliúir! / Agus goideadh an corrán uait! Duine go leor a tháilliúir. Daidhean neart air! / Tá sé go dona (tinn) / Bhí sé go dona tinn inné, má b'fhíor dhó féin, ach feicim amuigh ag obair inniu arís é / Is minic leis an gceann céanna a bheith go dona tinn / Duine ar bith atá go dona tinn sí an leabaidh a áit, agus ní ag dul isteach agus amach / Chreidim gur fada go dona tinn é]/ Cén neart atá aige air má tá sé go dona tinn. Ní bhíonn aon-neart ag an donacht féin air / S. seo thiar a bhí ann. Dar príosta ní measa fear eile = tá sé cho dona le duine ar bith a bheadh ann / Mac Ph. Sh. R. a chuir araoid ort! Dar diacaí ní measa fear eile / Slaghdán atá ort. Dar príosta muis ní measa rud (galra, gearán agus rl.) eile = tá sé cho dona le rud ar bith a bheadh ort /[Doigheachaí! Ní measa galra eile, agus gan truaighe ag aonduine d'fhear na ndoigheachaí]/ Tá sé buailte adeir tú. Ní measa ar bith é = ní fhéadfadh rud ar bith níos measa a eirghe dhó ná a bheith buailte / Tá na fréimhreachaí ag borradh sna cosa agad arís. Ní measa ar bith é (ní measa beirthe é) / Ag sneachta ab eadh! Dar fiadh ní measa beirthe é / Is measa thú ná a bhfaca mé ariamh = is tú is measa dhá bhfaca mé ariamh = is measa thú ná a dtiocfaidh agus ná a dtáinic = is measa thú ná "luirgní dóite" /[Is measa é go mór ná an fear thoir / Sin é an scéal (an rud, an chaoi, an bealach agus rl.). Is measa dhom go gcaithfidh mé fanacht seachtain anois d'fhuireasa fáirnéis ar bith uaithe = That is the worst of it / Sin é an scéal is measa dhuit, nach bhfuil a fhios agad an soir nó siar a thiúrfas tú t'aghaidh / Dhá dhonacht S. is seacht measa T. = tá sé seacht n-uaire níos measa ná é / Dhá dhonacht cogadh is seacht measa gorta]/ Is míle measa an bhliain seo ná aon-bhliain dá dtáinic fós. / Go mba míle measa a bhéas tú bliain ó inniu a bhastairdín, má bheirim ort bainfidh mé an t-anam asad! = eascainí /[Go mba seacht míle measa a bheas sé bliain ó inniu, an címleachán caca, mara deas a gheobhadh sé ann féin a dhul ag baint fogha ná easba as duine ar fónamh]/ Sin í an onóir dhona (fc. onóir) /

donacht: ainm-teibí as dona; geiniúnach uathaidh: donachta.
Donacht: olc, droch-mhúineadh, faltanas, droch-intinn; tinneas, óthras, criotán, árdú nó barr tinnis; gáracht aimsire, cogaidh nó eile; rud a chur as do dhuine

Aithníonn an donacht a duine féin = sean-fhocal = an duine a bhfuil an fabht ann, nó nach bhfuil leigheasta ceart, bíonn sé buailte síos nó meath-thinn igcomhnaí; bíonn sé de bheith ar dhaoine a bheith tinn. / Ní féidir gur buailte síos atá sé aríst, ach aithníonn an don-acht a duine féin /[Bíonn slaghdán uirre siúd i lár an tsamhraidh. Mara chéile aice samhradh agus geimhreadh. Aithníonn an donacht 'ar ndú' a duine féin / Baol air sin aon-cheo a tholgadh. Dheamhan é muis ná dhá mbeadh sé go dtí n a dhá shúil i bhfairrge seacht lá na seachtaine. Tá daoine ann len' aghaidh sin (: tinneas). Aithníonn an donacht a duine fhéin / Má's leat a bheith buan, adeir siad caith fuar agus te, ach is aon-chás amháin domsa céard a chaithfeas mé. Bíonn an donacht ag siocadh liom i gcomhnaí. Aithníonn an donacht a duine féin / Is deacair leis an donacht scaradh leis an seanduine. Aithníonn an donacht a duine féin]/ Ní bhíonn aon-neart ag an donacht fhéin air go bhfóiridh Dia orainn! = caithfidh an donacht fhéin a bheith ann go bhfóiridh Dia orainn! = ní ceart a bheith san mullach ar dhaoine a bhíos ag éagcaoineadh agus ag gearán. Is cuid de chúrsaí an tsaoil an tinneas agus an phian /[Chinnfeadh sé ormsa anois siúl cho fada le teach an phobail dhá bhfaghainn Éire bronnta orm. Ní bhíonn aon-neart ag an donacht fhéin air / Níor thuill sé aon-mhilleán uaib, agus mar sin ní raibh agaibh aon-mhilleán a thabhairt dó. Má tá sé ag casaoid, tá a údar aige. Caithfidh an donacht féin a bheith ann. B'fhéidir go mb fhurasta cur agaibh féin fós]/ Ní leigfeadh an donacht dom a dhul amach le seachtain = tinneas / Níl criotán ná donacht air, ach an oiread agus atá ormsa / Buaileadh síos le donacht eicínt é aréir = tháinig donacht (: tinneas) eicínt air aréir (b'fhéidir dhó a bheith tinn cheana ach go dtáinig árdú air / [Dhá gcuirinn an donacht seo tharm b'fhéidir go mbeadh agam / Níl de dhonacht air ach doigheachaí / Donacht as air! Donacht a bhíos air chuile lá beó]/ Is lú an donacht atá ort ná ormsa

agus caithfidh mé a bheith ag crochadóireacht liom in a dheidh sin. Is beag a bhéas ar chuid de na daoine nuair a éagnós siad é / Is mó an donacht atá air inniu ná lá ar bith ó a bhuail sé é. Tá faitíos orm go bhfuighidh sé rud le déanamh agus srianadh as. / Ar an dá luath agus ar chaith sé an braoinín bainne chuir sé donacht air (barr; árdú) /[Ná caith é sin chor ar bith. Is mó an donacht a dhéanfas sé dhuit (séard a dhéanfas sé donacht a chur ort) / Tá an donacht mhór imithe dhó (: dhe), ach dheamhan an bhfuil tada le reic aige fós]/ Cén uair ar bhuail an donacht é? / Is íontas donacht mar sin a theacht air de léim / Is mór a thug an donacht sin anuas e. Níl ann ach na stéigeachaí anois / Níor sheas an donacht uirre ach lá, ach níor bheag di sin. Is mór a chlaoifeadh lá féin duine nuair a bheadh pian ghártha air // Chaith sé an donacht deireadh ach d'fhága sé claoite é, agus má bhuaileann aon-donacht eile é go gairid, tá faitíos orm go bhfuil a chaiscín meilte /[An bhfuil cuimne ar bith aige eirghe as an donacht? Shílfeá má tá indán bisigh dhó, go bhfuil sé in am aige a bheith ag cur cosúlacht eicínt air fhéin feasta / Déarfá go raibh sé as ach bhuail ionntú donachta aríst é. Galra gurálach é sin. Ní furasta a thiacht as / Má theagann aon-ionntú donachta air as seo go maidin cuirighidh fios orm. / Is iomdha donacht a bhí ariamh air, agus m'anam má bhí féin gurb é atá cruadh cuisneach fós / Deir siad gur measa donacht fíona nó tinneas óil ar bith eile / Tá donacht mhór air sin go deimhin! M'anam má tá gur donacht phórtair é, sin nó donacht dá fhuireasa / Bhí donacht air le bliain má b'fhíor dhó fhéin ach is beag an donacht atá anois air ag goid mhóna!]/ Ní fhéadann sé an teach a fhágáil ag an donacht / Má's fíor di fhéin is uirre atá donacht an tsaoil / Tá an-donacht (fíor-dhonacht, an-donacht go deo, roint donachta, an-donacht thar cíonn etc.) air / Chuile dhonacht ach donacht doigheach -aí: sin é adéarfainnse = tá chuile phian go maith ach na doigheachaí / Níl aon-donacht mór mar sin air, ach tá sé an-chraithte / Is mór atá an donacht indon a dhéanamh le duine. Ba fear luath láidir é sin, agus an bhfeiceann tú an chruth atá anois air? // Tá an lá (duine,

saol, cogadh, rothar agus rl.) ag dul un donacht / I leabaidh eirghe as, sén chaoi a bhfuil sé ag dul 'un donacht. Tá sé (: tinneas) dhá ghreamú ro-fhada / Sén chaoi a bhfuil an saol ag dul 'un donacht le chuile chor / Ag dul 'un donacht atá an aimsir. 'Chuile lá ag baint fearrasbarr dhá chéile / Tá sé ar a dhonacht (an saol, aimsir, duine agus rl.) = cho dona agus a d'fhéadfadh sé a bheith. [Is annamh a bhíos an leagan seo san scríbhneoireacht ach tá sé bun-choitianta go leor san gcaint is chuile áit] / Johanny! M'anam ní ceasacht ar Dhia é go bhfuil sé ar a dhon-acht. /[Ara a dhuine, tá an saol ar a dhonacht. Beannacht Dé dhuit! Sé díol (dícheall?) an diabhail maireachtáil chor ar bith. Deir daoine go mbeidh an ballséire ar fad air ach a gcríochnaí an cogadh / Bhí an lá ar a dhonacht. Shíl mé dheamhan cladach a d'fheicfeadh muid go deó. Bhí sí ag tógáil uisce ar an mbord fúithe cho maith leis an mbord as a cionn (: bád). Ba é an lá ba mheasa é dhá raibh mé ar farraige ariamh sílim / Tá sé ar a dhonacht anois ar chaoi ar bith. Déanfaidh an sneachta seo scrios ach grásta Dé. Agus níl cosúlacht ar bith ar aon-chlaochmú. B'fhurasta aithinte, agus an deis a bhí ar an ngaoith ag dul síos agus suas indiaidh a tóna le seachtain]/ Tá Seán bocht ar dhonacht [deirtear mar seo scaithtí é gan a ar bith fearacht "ar fheabhas"]. Beidh a sháith le déanamh aige agus a theacht as chor ar bith / Tá an teach sin ar a dhonacht anois. Dheamhan bonn bán orra. Is mór idir inniu agus inné, adeir tú … / Chuile líne ag dul 'un donacht = chuile líne ag dul 'un míne agus 'un bréige /[Níl aon-ghoir aige ar an athair. 'Chuile líne ag dul 'un donacht, arsa tusa / Tá an lá 'un donacht go mór = níos measa ná a bhí sé scathamh ó shoin / Ní cheannóchthá aon-bhanbh ar an margadh le (ar) na ndonacht = bhí siad cho dona sin / Níor díoladh aon-bhó amháin ar an aonach inniu lena ndonacht = ní raibh aon-phradhas orra / Ní fiú an eorna sin thoir a bhaint agus a dhonacht agus atá sí. Beithigh a bhí a scaoileadh isteach innte = níl aon-mhaith innte / Bhí sé cho maith do dhuine gan buille ar bith a dhéanamh agus a dhonacht (len a dhonacht) agus atá an saol]/ Ní thaobhódh duine ar bith é sin agus a dhonacht agus atá sé (olc, fealltach, droch-mhúinte) / Sé a dhonacht féin le daoine bochta a d'fhága mar sin é / Ní dhéanfaidh sé donacht ar bith duit, hébrí cén mhaith a dhéanfas sé / Is beag a chuirfeas an

ceann céanna ann d'aonduine hébrí cén donacht a dhéanfas sé /
Ní fhaca mise aon-donacht déanta ariamh aige, th'éis an droch-
cháil atá air. Ach an té a dteigheann cáil na mochóirí amach dó
níor mhiste dhó dhá mbeadh sé gan eirghe go h-eadra /[Níl donacht
ná fabht in duine ar bith den dream sin. = níl faltanas ar bith
ionnta / An té a bhfuil an donacht ann, tá sí ann, agus tá sí ann ar a
chéill agus ar a mheisce / Bhí chuile dhuine ag caint ar dhonacht Mh. ach ní
choinneódh sé coinneal dó seo atá ann anois. Tá ruibh air seo /
Chaith mise cheithre bliana abuil na Sasanaigh, agus ní fhaca mé thairis
sin de dhonacht ionnta. Ba mheasa dhuit go fada leiciméara d'
Éireannach a d'innseódh chuile mhíle rud don "bhoss" ort]/ Is furast
-a aithinte ar dhonacht na mbeitheach nach bhfuair siad a leath ndóthain.
Féacha na beithigh atá ag P. Sciorrfá dóibh, tá siad cho sleamhain
sin = droch-ordú; gan aon-tógáil /[Ní fhaca mé aon-mhadadh ariamh
mar é ar a dhonacht. Ní leanfadh sé bó ná gamhain / Tá an deabhach go deó
ar an mbóthar seo ar a dhonacht. Níl sé ionrásta ag duine ná
beitheach é a shiúl / Fágadh san donacht ariamh é, agus síleann sé anois go
bhfuil leis ach daba ar bith a fháil = san mboichteanacht, san anró /
Go deimhin féin níl aige ach an donacht agus an bhoichteanacht istigh
annsiúd ar thamhnóigín shléibhe]// Dhá dhonacht maol is measa mullóig
(mullach) = dhá dhonacht rud is measa rud eile /[Seán an eadh. B'fhearr
liom T. fhéin ná é sin. Dhá dhonacht maol is measa mullóig /
Cois thinn atá agad. Ní beag dhuit a dhonacht a dhuine bhoicht = is olc an
rud cois thinn a bheith ag duine, nó is rud sách dona é]/ Níor bheag dhuit a
dhonacht mar a bhí tú, agus gan tuilleadh a theacht ort / Má tá ort siúl ó
cheann an bhóthair abhaile ní beag dhuit a dhonacht, agus gan siúl as seo
go dtí ceann an bhóthair / Ní beag do dhuine a dhonacht nuair a bhíos imní
air, agus gan tinneas dhá bhualadh in a cheann sin / Tá a dhonacht fhéin is
chuile rud = milleadh; mí-bhantáiste; disadvantages / Ní dhéanfadh sé donacht ar
bith dom (: dochar) a dhul ag
siúl /

Donas = ainm-fhocal, fireann, geiniúnach uathaidh agus ainmneach iolraidh: donais
donas = tubaiste, míádh, catmara, míofhortún, smál, mísc, dochar.

Is beag ag fear an chumais an donas a dhéanamh = sean-fhocal = an té atá
láidir, ní carghas leis míostáid nó mísc a dhéanamh / Ab iad na

Meiriocánaí sin! Ab iad sin riu! Tá an báire leo anois, agus tig leo a rogha rud a dhéanamh, bíodh sé go maith nó go h-olc. Ar chuala tú ariamh é? Is beag ag fear an chumais an donas a dhéanamh / Is maith nach mór dhuit a bheith ar do mhaidí nó gheobhfaidh tú droch-iarraidh ó'n diabhlánach siúd. Is beag ag fear an chumais an donas a dhéanamh / Bíonn sonas indiaidh na simplíocht agus donas indiaidh na sraoilliocht'. = sean-fhocal [ach séard adeirtear go h-iondúil: "bíonn an sonas indiaidh na sraoillíocht". "Is minic mioscán ag sraoill agus bean mhaith gan tada"] /[Sin é an donas i gcomhnaí, nuair a bhéas duine eicínt ann nach dtiocfaidh le comhar = míádh / Tá an donas ar an aimsir seo = míádh, "an diabhal", an catmara le donacht / Sin é a rinne an donas orm nach ndeachaidh mé ann in am. / Ag an donas go raibh sé féin agus a chuid féir! Nach bhfuil féar le crapadh againn féin = ag an diabhal / Tá an donas ort. Ní fhaca mé do mhacsamhail ariamh le ámhailleacht]/ Ní bhíonn an sonas gan an donas a bheith in a orlaí thríd = sean-fhocal = má bhíonn an sonas ar béala, bíonn an donas go dlúth len a chúl = there are no unmixed blessings / [Sin é an chaoi a chuidín. Ní túisce a eiríos rud linn ná a theagas rud eicínt eile a bhaineas an mhaith as. Is minic amhlaidh é. Ar chuala tú ariamh é, nach dtáinig an sonas gan an donas a bheith in a orlaí thríd / Ní raibh sé ach cheithre lá pósta nuair a cailleadh a mháthair, agus b'éigin dó a theacht abhaile arís. Is cóir adeir siad nach raibh an sonas ariamh gan an donas a bheith in a orlaí thríd. Is amhlaidh a bhí sé ariamh san saol / Tá fuílleach airgid agam. An oiread agus nach bhfeicfidh mise caithte go deó. Ach cén mhaith sin, agus ceann an tí go ndéanaidh Dia grásta uirre imithe. Ní bhíonn an sonas gan an donas a bheith in a orlaí thríd]/ Ní sonas é sin chor ar bith ach donas. An té a bhfeicfidh tú rith sonais mar sin air, is minic nach mbíonn ann ach teasbánadh. Bíonn sé indiaidh an airgid, agus tugann Dia dhó é, ach cén mhaith do dhuine an t-airgead, mara bhfuil grádh Dé in a chroí. Is mó an donas go mór é / Is minic nach mbeadh a fhios ag duine cés fhearr an donas ná an sonas. An té a bhfeicfidh tú an mhaoin aige freisin, bíonn a anshógh fhéin air, agus deir siad nach bhfuil aon-ghaol ag an diabhal leis an duine bocht / Ba é lom an donais mhóir

dó ar aon-chor a dhul go Sasana. Ach marach go raibh sé len aghaidh, chreidim nach ann a bheadh fód a bháis = ba mhór an míádh dó agus rl. / Nach thú a rinne lom an donais mhóir an chéad lá ariamh ar phós tú í sin. Ach ní raibh tú gabhthach le comhairle. Dhá dteightheá san áit ar h-iarradh ort a dhul … / Ní ag cur aithne ort é, ach sé lom an donais mhóir duit a dhul ag ceannacht an stolpáin sin. 'Ar ndú níl sé feilteach ag tada ach ag naoscannaí. Cíocraí agus bogachaí … /

donán, donáinín: ainm-fhocla as dona (fc. donóg, donánach).
donán, donáinín = rud ar bith atá suarach éidtreorach meathta.
Duine, beitheach, éan ná iasc nach bhfuil biseach ná lúd ann.

Tá an donáinín sin muise cho suimiúil le fear ar fónamh. Cén bhrí ach go gcuirfeá seacht n-iomairí agus seacht n-eitrí uait an dreóláinín bocht de shéideóig / Cé a thiúrfadh bean den donáinín sin? Beannacht Dé dhuit! Is mó an chruadhóig sagairt ná an chruadhóig mná atá air / Tá brat clann mhac aige agus gan ionnta ar fad ach donáin dhona. Má shíolraíonn siad siúd, cuirfidh siad na bólaí seo 'un meathtachais agus an bhroththuinn atá aca ann /[Domhnaill -ín de dhonáinín de mhac atá ag T. S. annsin thoir a fhobair cíor -thuaifeall a dhéanamh de'n aonach inniu ag iarraidh achrainn; nuair nach mbéarfadh duine eicínt ar an arc salach agus a bháthadh i bpionta pórtair. Ach chreidim go mba mhór an carghas le aonduine pionta breá pórtair a chur amú leis / Ní fiú dhuit a dhul ag fiachadh ar an donán bocht. Scaoil amach aríst é. Is gearr gurb é an cut a bhéas ag creinneadh a chnámha ar aon-chor = éinín beag / Go deimhin is gearr an bás ó'n laogh beag sin thíos aige. Tá diúc air istigh faoin gclaidhe leis an bhfuacht. Níl ann ach donán, ná i laogh ar bith eile a tháinig ó'n tarbh sin thiar]/ Céard a bhéarfadh an breac sin a bheith len ithe! Ní íosfadh duine ar bith donán de'n tsórt sin = breac beag suarach: cloigeann cruachán nó mac siúáine nó gearradh méinín nó a leithide / Cuirigidh an donáinín de ghadhar sin as mo bhealach nó cuirfidh mé de chic ar an tsráid é. Is mór an úais a bheith ag breathnú air / Ní fhaca mé aon-donán d'uan in mo shaol ariamh mar é. Dheamhan ionga ná orlach a tháinic air ón lá ar rugadh é, ná a thiocfas ach oiread /

Donú = Briathar = droch-ghortú nó droch-lotadh a thabhairt do dhuine nó do bheitheach; duine a mhartrú nó éalann a fhágáil air; "ceirín" a chur ar dhuine; duine a bhascadh [tá sé coitianta igcaint]

Donóidh sé thú má fhaghann sé leigean ar bith ort. Mar sin bí ar t'áirdeall féin. Ní shiúd é an ribín réidh agad chor ar bith / Tá sé donuithe de bharr cic ó chapall. Bhuail sí annsin é slán an tsamhail, agus deir siad go bhfuil a chuid builg-easnachaí briste / Tá mise donuithe críochnuithe ag bróig atá agam. Níl a fhios cé na léasrachaí atá tóigthe ar mo sháil aice. Níl aon-ghoir agam coisméig shiúil a dhéanamh léithe /[Donóidh sé sin duine eicínt sul a n-eirighidh sé as. Is furasta aithinte nach hí bara a leasa a bhí faoi an lá ar thosaigh sé ag tabhairt chomhlódair don bhithiúnach seo thoir. An bhfuil a fhios agad céard a rinne siad an oíche cheana?: a dhul isteach go dtí sean-N. bhocht agus an cúpla tosaí dhá phliuncadh eatorra. Marach T. Sh. a casadh isteach dheamhan deóir a d'fhágfaidís ann / Fhobair tú mé a dhonú a scaibhtéirín. Nach bhfuil a fhios agad mara scuiridh tú de chaitheamh na gcloch go mbainfidh tú an tsúil as duine eicínt. Cén bhail a bhéas ort annsin? / Ag iarraidh duine eicínt a dhonú atá tú leis an maide sin? Leag uait as do láimh ar fad é. Tá an breathas ar do láimh, tá sin. Is diachta ghéar nach mbeadh ciall duit feasta choíchin]/ An lá ar baineadh an treascairt as an gcapall sna breaclachaí sin thiar, donaíodh í an uair sin. Tá umhlú 'un tosaigh innte 'chuile lá ó shoin / Donór (: donóchar) na Gearmánaí bochta anois má tá an chonairt sin uiliog in a n-éadan. Is diabhlaí an seasamh aca é / Dhonódh sé daoine an oíche sin meireach gur baineadh an revolver dhó (dhe). Tá sé de bheith air sin go maróidh sé duine eicínt as a dheireadh / Tá buile chatha eicínt air seo thíos ag uallfairt ar an mbóithrín. Indiaidh asail atá sé! Seadh mo choinsias! Donóidh sé asail anois. Tá cleith aige atá cho fada le crann luínge / Dar fiadh bhí mise donuithe aige marach an fear maith a rinne an tárrtháil. Bhí mé sáinnithe in éadan an sconnsa agus chaon tsnaoim (: snaidhm) aige orm! /

Dronn (: drūɴ, ach bíonn drun ar an Achréidh) = ainm-fhocal, fireann [níor chuala mé buineann é], geineamhnach uathaidh — an druinn: uimhir iolraidh — dronna. Dronn: cruit, buiric mhór, crotghail, druim amach, builsceántacht.

Tá dronn ar an "tyre" sin. An bhfuil píosa taobh istigh dhó? / Tá dronn ro-mhór ar an bpíosa sin. [Tá faitíos orm go dtiocfaidh an tiúb amach ann th'éis do dhíchill. Ach ar a fhéachaint a bheidh a fhios é, arsa tusa]/ Is diabhlaí an dronn a tháinic ar an mballa sin le goirid. [Is gearr gur tabhairt uaidh ar fad a dhéanfas sé.]/ Tá dronn air — an bitheamhnach — len a bhfuil d'éadach air. Is ceart dó siúd an-scráib-neart a bheith ann / D'fhága sé dronn ar an mbróig annsin, ach chreidim diabhal neart a bhí aige air. [Is ait a chruthuigh sé agus a dhéanamh cho maith sin féin, agus cho caithte agus a bhí sí]/ Sin droch-shlata. An bhfeiceann tú an dronn atá ar an gcliabh annsin, mara 'sa gcaoladóireacht a bhí sé /[Mo chreach an tuigheadóir muis.] An bhfaca tú an dronn a d'fhága sé ar an teach i lár an stráca. Níl sé indon tuige ar bith a chur /[Is deas uaidh cruach choirce a dhéanamh go deimhin! Ní raibh é a leigean suas ar chruach ar bith.] Breathnuigh ar an gcruach sin amuigh agus an dronn a d'fhága sé uirre. Níl díon deoir innte / Tá dronn ar a shrón = cruit uirre in a lár / Bainfidh mise an dronn de do shrón le iarraidh. Ní bheidh sé tada níos lugha agad / Céard a chuir an dronn ar an gcantín sin? [Níl millteanas ar bith ag dul ó chuid de na daoine. Agus cho daor agus atá "cantíní". Dheamhan clár a ghabhfas air sin go deo aríst. Tá sé réidh leis!]/ Níl aon-ghaisce leis in a fhear ceirde in a dheidh sin. Breagh nachar mhínigh sé amach an dronn sin /

Dronnach (: drụɴəx)= aidiacht as dronn: crotach, dromannach, builsceánta.

Tá an talamh sin síos an-dronnach = cnocáin, druimeanna, nó drumainn ann / Nach hé atá dronnach as an druim! Bheitheá ag gabhailt air sin go ndéanfadh Dia Diarmuid (nó dearmad) díot, agus ní ghoillfeadh sé a dhath air /[Tá srón dhronnach ar a mac is óige sin aige. Tá mo choinsias! D'fhéadfá do mhaide láimhe a chrochadh uirre]/ Tá na lámha sin ro-dhronnach agamsa. Ní cheannóchaidh mé aon-bhicycle ach an chuid a bhfuil na lámha díreach' orra. Bhascfainn mé féin len a leithide sin /

Druinnín: cnoc: fc. druinnín.

Dúrlinn (: dūrʟ'iɴ') (: torlainn?) = ainm-fhocal, buineann.
Dúrlinn = an chuid de'n chladach a bhíos faoi leath-chlocha agus faoi chlocha beaga. Bíonn na clocha in a sraith nó ina ndruim go h-iondamhail thuas in aice leis an talamh nó lena dumhcha ag an snáth-mara nó ag bárr-láin rabharta móir agus uaidh sin síos scathamh. Thíos faoi'n dúrlinn a bhíos an tráigh, nó b'fhéidir gur coraí nó caracáin a bheadh ann scaithtí. Ach go h-iondamhail bíonn an dúrlinn i mbarr-cladaigh ar fad. Bíonn dúrlinn mórán is gach uile chladach.

An Dúrlinn Mhóir, Dúrlinn an Bhantra, Dúrlinn Bhéal na Trágha agus rl. = ainmneacha áiteacha ins an gcladach / Clocha dúrlinne a chuir sé uiliog sa mballa sin /[Tabhair aníos cupla carr clocha dúrlinne agus cuir sa tsráid sin iad]/ Dhá mbeadh cupla carr leath-chlocha dúr-linne agad siad a dhéanfadh ceart thú annsin / Níl aon-chapall cruthuighthe a thiubharfadh carr feamuinne in aghaidh na dúrlinne sin. / Chuir an taoille mhór an oíche cheana an dúrlinn uiliog isteach sa ngarrdha orm / Tá Tóchar na Dúrlinne tachttha aríst, agus an garrdha báithte. Shnámhfadh bád mór anois ann. Ní dhéanfaidh sé siúd aon-mhaith go dteighidh comhla taobh amuigh ins an dúrlinn / Tá scaipiúch beag feamuinne sa dúrlinn indiu / Bhí sé aníos sa snáth mara imbéal na dúrlinne / Bhí scoth-thaoille mhaith aréir ann. Tá ucht na dúrlinne bainte fré chéile / Phléasc siad thíos sa dúrlinn mhóir é. Thiocfadh an teach seo síos sa bpoll a rinne sé ann (: pléascán mara) / [Is beag nachar bascadh sa dúrlinn indiu mé. Tá na clocha bealuighthe uiliog ag an bhfeamuinn lobhtha agus sciorr mé ar cheann aca agus baineadh treascairt asam, agus dar brígh an leabhair cuireadh síos le fánaidh uiliog mé]/ Ba mhaith an éadáil í sin ag siubhal dúrlinne agus na bróga páipéir sin uirre. [Thuas imBaile Átha Cliath a bhí aige a fágáil, an áit a mbeadh sí ar a nádúr féin. Go deimhin ní bean do chladóir í]/ Tá dúrlinneachaí an-dána annsin: dúrlinneachaí sean-fhairrge. Bhuel tá mé ag ceapadh go bhfuil an oiread cloch ann ar chaoi ar bith, agus a dhéanfadh Berlin aríst dá mb'fhéidir a dtabhairt as / Tá snáithín deas rocálaighe isteach imbun na dúrlinne agus gan roint gan roghain uirre. / (mion-dúrlinn, meath-dhúrlinn, fc. mion- meath-) /

Dornán (: dəurɴān : dorɴān Achréidh) = ainm-fhocal; fireann; tuiseal geineamhnach uathaidh agus uimhir iolraidh: dornáin

Dornán = roint arbhair a cheanglóchaí le crios [aon-rud amháin punann agus dornán in áiteacha ach tá idir-dhealú barainneach fós in áiteachaí eile]

Dhá glaic mhóra (: fogha corráin glaic ins an gcás seo) nó trí ghlaic bheaga sin dornán, cheithre dhornán punann, fiche punann beart nó rópa [ach comhairtear ponann is fiche de'n bheart in áiteacha, agus bíonn malrait comhairimh air ar fad: trí ghlaic dornán, dhá fhichead dornán stáca, dhá stáca rópa, agus deich rópa fichead cruach (Casla)] / Cúig dhornán a theigheas i gcaipín stuca agus fiche dornán sa gcois / Tá an chrios briste ar an dornán seo / Déan dornáin mhaith mhóra dhe. Níl gnatha ar bith aca a bheith in a ndithreabhachaí /[Tá tú ag déanamh dornáin ro-mhór dhe, arae níl sé sáthach fada ar sraith / Ní hé an ceangal céadna a thugas siad ar na dornáin chor ar bith a thugas muide orra. Scaoilfeadh an chrios ar an bpuínte an chaoi a ndéanann siadsan é]/ Is deas í mo cruach choirce agus nach bhfuil dhá dhornán istigh ar a corp. Má's gláimhthéisc de'n tsórt sin é, d'fhéadfadh muid cheithre chruach a chomhaireamh dhuinn féin / … Thosuigh siad ag lascadh a chéile lena dornáin nó nach raibh deoraidhe an bhéil beo aca ins an gcomhaireamh ceann. Ba shin é Cath na bPunann / Scarfaí amach ar tuar é agus d'fhágfaí cupla lá ar sraith é (: an líon). Annsin cheanglóchaí in a dhornáin é / Is furasta dhó obair a dhéanamh agus nach mbíodh dhá dhornán aige is 'chuile bheart dhá dtarraingigheadh é. Ní hé sin do P. é. Ní in a dhornáin a líonadh sé an beart, ach in a stucaí /[Ní scaoiltear na criosanna de na dornáin chor ar bith leis an meaisín buailte seo ach a ngearradh le scian nó le corrán. Céad slán do'n tsaoghal a mbuaileadh muid na dornáin ar an clocha. Nach ann a bhíodh an spraoi dhá scaoileadh agus ag déanamh punannachaí dhóib (: dhíob) / M'anam gurb shin é: roinn muid in a dhornán agus in a dhornán é, agus bhí dornán corr ann (: "Roinn muid in a phunann agus in a phunann é agus bhí punann chorr ann", freisin) = nuair nach réidhteochadh daoine le chéile agus gan eatorra

ach rud fánach. Ach bheadh gach aon-duine aca ag tuineadh leis an mbantáiste a bheith aige fhéin in a dhiaidh sin, tar éis go mb'fhéidir nacharbh fhiú trácht ar an mbantáiste [leagan as scéal é: beirt a bhí ag iarraidh an t-arbhar a roint. Roinn siad in a stáca agus in a stáca ar dtús é, agus bhí stáca corr ann. Annsin in a stuca agus in a stuca agus bhí stuca corr ann, annsin in a phunann agus in a phunann agus rl.] / Ná bac le síochán a dhearbhráthair mo chroidhe thú. Sé an chaoi a bhfuil na ríoghachta móra sin ar fad ag tarraint uisce 'na muilinn féin agus ag luighe ar an lagar má fhaghann siad an deis. Tá siad mar a bhí an fear fadó a roinn an coirce in a dhornán agus in a dhornán, agus bhí dornán corr ann. 'Sé an dornán corr sin a tharraingeochas an tsiuite aríst. Tá 'chuile ceann aca ag iarraidh é a bheith aige féin /[Nach fánach an rud a tharraing dlí anois: a dhul 'un cúirte ingeall ar an tsean-bhó sin nach bhfuil tarraint na gcos innte. Má bhí 'chuile shórt eile rointe aca go dtí í sin, nach bhféadfaidís leithphighinn a chaitheamh suas uirre. Ach b'fhearr leo mí-chuíbheamhlacht cúirte. Sin é anois: roinn mé in a dhornán agus in a dhornán é agus bhí dornán corr ann]/ [Ní thiocfadh ceachtar de'n bheirt aca suas ar réidhteach Sh. Bhí ruainnín beag 'sa tórainn agus ba mhór le 'chaon dhuine aca é do'n ceann eile … b'éigin a chaitheamh in aer ar fad nó go dteagaidh seilbhéara ann. Ní headh ach sin é: roinn mé in a dhornán agus in a dhornán é agus bhí dornán corr ann. An fear fadó a bhí ag dul ag déanamh dhá leith de'n páiste len a claimhe nuair a bhí 'chaon duine de'n bheirt mhná dhá "chlaimáil" di féin, agus ní réidhteochadh sé eatorra sin]// Shílfeá nach raibh roint punann ná dornán eataraibh, le go mbeadh sib ag troid (Rosmuc) = shílfeá nach raibh sib ag teacht salach ar a chéile ar bhealach ar bith le go mbeadh sib ag troid / Ba mhór adéarfá le beirt a bheadh ag béal an doruis ag án a chéile, ach an bheirt sin a bhí ar 'chaon ceann de bhaile agus gan roint punann ná dornán eatorra, agus go gcaithfidís tosuighe ag troid in a dheidh sin! Ach is smál é a bhíos ar dhaoine mar sin /[Dheamhan roint punann ná dornán eatorra, agus mara bhfuil féin, ní beo iad gan a bheith ag sciolladóir-

ar a chéile 'chuile ré soluis. Sílim gur faisean é a thugas daoine faoi deara dóibh féin. Bhainfeadh cuid de na daoine troid as na clocha/ Níl roint punann ná dornán idir an dá theach seo, agus is maith an scéal do'n teach se'aghainne nach bhfuil arae dhá mbeadh, bheadh muid taobh leis an driobaillín caol — cuid Pháidín de'n mheacan. Tá sí seo amuigh cho gar di féin, agus nar mhór léithe an ceann reamhar a bheith aice féin i gcomhnaí /[Is fada an lá nach raibh roint punann ná dornán idir mise agus an buicileá sin, agus ní fearr dhomsa a bheith. Mise a bheadh siar leis an téiléaracht i gcomhnaí. Sáthach fada a bhí sé ag imeartas ormsa, ach múineann an saoghal duine]/ Níl roint punann ná dornán idir é féin ná an cliamhain anois. Measaim nach bhfuil siad an-gheal dhá chéile chor ar bith, ach go mbeannuigheann siad dhá chéile ar aon-taighe agus ag teach an phobail. Ach ní dhéanann siad níos aoirde ná sin de theanntás ar a chéile, sílim /[Shílfeá nach raibh roint punann ná dornán idir é féin agus J. ariamh le go mbeidís cho saghdtha sin ag án a chéile. Ach is duine é J. sin a mbaineann gnotha 'chuile dhuine dhó. Tá an iomarca aisiléarachta aige ar fad. Tá a chomharsanaí féin sáthach diomdhach dó ar aon-chor]/

Dorn (: dəurNə. dorNə Achréidh) = ainm-fhocal; tuiseal geineamhnach uathaidh : an dorna. Uimhir iolraidh: dornaí. Níor chuala mé "duirn" tuiseal geineamh -nach. Tá an a (: ə) in a dheireadh igcomhnaí san Ainmneach.
Dorna: crobh na láimhe agus í iadhta; fad an dorna timpeall agus leath-troigh; buille de chrobh na láimhe agus í iadhta; lán glaice de rud.

Dún do dhorna / Thomhais sé an dorna liom (fc. tomhais) / Bhuail sé dhá dhorna mé / Thosuigh sé ag gábhailt de dhornaí orm, agus fhobair gur chriog sé mé / Coinnigh do chuid dornaí agad féin anois / Má fhaghaim dorna ort déanfaidh mé aon-lá amháin díot a (s)cuirbín / Seas dorna dhom /[Sheas sé amach uaidh agus thug sé a sean-dhorna dhó]/ Tá an-dorna aige = iarraidh de dhorna / Tá cuaifeach de dhorna aige = dorna dalba (fc. cuaifeach) / Is measa dorna uaidh ná iarraidh ó ord / Is beag an teacht aniar atá in a dhoirnín dona / Chuir sé an dorus isteach de dhorna / Cuirfidh mise codladh ort le dorna / Is measa an t-oirdín de dhorna atá aige siúd ná dhá bhfáighteá iarraidh de mháiléad / Leig de do chuid

dornaí anois, nó má eirighimse agad cuirfidh mé luighe fiadha ort d'aon-phléisc amháin / Tabhair tomhais an dorna air = tomhais le do dhorna é / Cé mhéad dorna ann? / Tabhair dorna bran do na muca sin = máimín bheag / An mbeadh dorn mine agad a thiubharfá do'n laogh sin. Tá sé ag cur a lútha amach ag géimneach. Meastú nach ocras atá air? /[Dhá gcuirtheá dorna beag de'n min mhór thríd sin anois, ní fhaca tú aon-bheatha go h-iomaí ag muca mar é. Diabhal mé go mbeidís i riocht a dhul ag an stealla faoi cheann cupla mí dhá bhfaghaidís é sin dhá cheann de ló]/ Chuir sí dorna de rud eicínt — mara gabhail é — thríd an bplúr, agus d'at sé suas é ar an dá luath agus ar cuireadh i mbácús é. Shíl mé nacharbh fhéidir gabhail ar bith a fháil anois /[Bhí síol féir agam annseo arú anuiridh agus glaicín síol planndaí annsin a bhí mé a choinneál do T. Mh. Meastú nachar thosaigh na deabhaic de ghasúir sin ag cur dornaí de'n tsíol planndaí thríd an síol féir agus shuath siad thrín a chéile iad, agus chuir siad 'chaon cheann aca ó mhaith. Bhí mé ag gabhail orra an fhad agus a fuair mé teas in a gcraiceann, ach cé'n mhaith sin: dhéanfaidís ar an toirt aríst é]// "An té is fhearr dorna 'sé is fhearr corna (kəurɴə : corn) de'n fheoil" = [sean-fhocal] Bíonn maith gach uile rud, ach an ceann reamhar de gach uile rud, ag fear na láimhe láidre /[Níl ann anois ag na náisiúin sin, ach an fear is fhearr dorna 'sé is fhearr corna de'n fheoil. Sciob-sceab ceart atá aca anois]/ Is iomdha créatúlacht a rinne sé ariamh. Ach b'fhurasta dhó agus an saoghal a bhí ann an uair sin. 'Séard a bhí ann sa saoghal sin: an fear ab fhearr dorna 'sé ab fhearr corna de'n fheoil /[Is furasta dhó rud a bheith aige féin. Nuair a bhí an saoghal ar forbhás agus gan aon-dlí ann, thapuigh sé sin é, agus rinne sé bun. Cé a bhí indon aon-chaidéis a chuir air. Nach aige féin a bhí an chomhairle ar fad. Ba é an cás é: an té ab fhearr dorna ba é ab fhearr corna de'n fheoil]/ Má's cúrsaí de'n tsórt sin é, ní bheidh mise falamh ach an oiread le duine. Chreidim gurb é an fear is fhearr dorna gurb é is fhearr corna de'n fheoil annseo // Rinne sé dorna méire = smeach nó smalóig len a ordóig agus a mhéir mheadhoin / Cé'n fáth dhuit a bheith ag déanamh dornaí méire

mar sin. An fleasc a chuaidh faoi t'ionga ná eile? / Dhá mbeith-
eá dhá lá do shaoghail in éindigh leis, sin é a cheird: ag déan-
amh dornaí méire /[Rinne sé dorna méire leis an mbean
a bhí roimhe amach ar an tsráid. D'ionntuigh sí thart agus dheamhan
asna dhó nachar thosuigh ag sméideadh uirre. Lady mhór a bhí
innte, de bhean bhreagh dhathamhail. Ní raibh faitíos ar bith orm
féin, ach go bhfuigheadh sí tóigthe an bheirt againn. Ní raibh
cás ar bith agam ann-san — 'sé a bhí sé a thuaradh dó féin ar
aon-nós — ach ní raibh aon-dúil mhór agam féin a dhul sa
"mBlackhole"]/ Leig de do chuid dornaí méire annseo anois.
Cá'il an cailín a bhí anuiridh agad? Má bhí searbhónta
agad i Sasana, bainfear as do chleachta annseo anois thú /
"Ní faghann láimh iadhta ach dorna dúinte" = fc. láimh

Dornáil: (dəurɴāl ′) [dorɴāl ′ : Achréidh] = Ainm-
Bhriathar, Briathar as dorn = bualadh de dhornaí; bualadh, smíochadh agus rl.

Shíl mé gur ag brath ar a dhul do mo dhornáil a bhí tú. / Ní dhornálfadh sé
duine ar bith a mbeadh aon-rath air, an buinneachán / D'áitigh sé do mo
dhornáil. Shíl mé gur ag mugadh-magadh a bhí sé idtosach, ach ba ghearr go
bhfuair mé len' innseacht nach h-eadh. Annsin thosuigh mé ag dornáil
mé féin. /[Leig de chuid dornála ar an doras sin. Tá rud ar a' (: ar)
n-aire se'againne thar agus a bheith ag cur doras nuadh isteach annsin. Má
tá fonn dornála ort teirigh soir go dtí M. Mh. Sin é an buachaill a thiubhar-
fas lán do chruite dhuit]/ Bheadh ciall a mbualadh. Teastuigheann
sin uatha scaithtí, mar tá siad ámhuilleach. Ach ní ceird ar bith
di a dhul dhá ndornáil mar a bhíos sí. Cé'n brigh ach dorna aice
siúd cho láidir agus a bheadh ag fear ar bith / Anois céard deir tú leis
a thosuigh ag dornáil na mná as comhair a raibh istigh. Bhainfeadh sé deatach
aisti marach gur coinnigheadh uaithe é /[Ní fhágfadh sé eirghe in mo sheasamh
ionnam leis an dornáil a thiubharfadh sé dhom, marach gur eirigh le
S. a theacht ann. Choisin sé mé air]/ Má ghníonn tú sin aríst
dornálfaidh mé thú, nó go dtugaidh mé dath dubh ort leis an mbail a
chuirfeas mé ort. Mara sonnda an mhaise dhuit é a chleiteacháinín /
/ Má dhornálann sé siúd thú, leonfaidh sé do chnámha. Ní ag míolad-
óireacht leat a bhéas sé. Dar fiadh ní h-eadh! /

Doirnín [: dəurɴīn′ : dorɴīn′ (Achréidh). Freisin sdəurɴīn′ : sdorɴīn′.
i gciall a (ii) sdəurɴīn′ī : sgəurɴīn′ī : sgorɴīn′ī : sgorōgī.]
Doirnín = ainm-fhocal, fireann, uimhir iolraidh: doirníní
Doirnín = (i) pionna a bhíos i gcrann speile le go mbéarfaidh an spealadóir air agus é ag spealadh. (ii) dhá phionna a bhíos i gcoirb srathra leis an dá chliabh a chrochadh orra; scorógaí.

Níl doirnín ar bith sa speil aige, ach é ingreim sa gcrann / Tá an duirnín briste. Ní fhéadfainn a dhath a dhéanamh léithe go gcuirtear doirnín nua innte / Is deas an doirnín speile a dhéanfadh an pionna sin dhá snuighfí amach é. Foghanfaidh sé sin domsa anois / Caithfidh mé scoirníní (: sdoirníní freisin) a chur sa tsrathair sin. Tá leath-scoirnín briste innte /[Diabhal easna de leath-sdoirnín na srathrach nachar bhris, agus seo anuas an tsrathar agus na cléibh agus a raibh ann. Bhí mé ithte le cantal th'éis a bhfuair mé d'easonóir uaidh]/ Ná teirigh 'na portaigh leis an tsrathair sin, nó go gcuiridh tú scoirnín innte. 'Nuair a bhí malach feamainne agam uirre an lá faoi dheire, bhí mé i bhfaitíos 'chuile phuinte go dtiubharfadh sé uaidh. Tá sé scoiltthe thíos ag an gcoirb / Fagh máiléad agus tiomáil (: tiomáin) an sdoirnín sin. Tá sé ar bogadh. Tiocfaidh sé amach ort i lár do chruadhóige, mara dtiomálaidh /

Danes(?) = ainm-fhocal (: níl sé ach in aon-rádh cainte amháin cf. thíos]

Phréachfadh sé na Danes tá sé cho fuar sin = tá sé an-fhuar / Tá mé deallruighthe ceart críochnuighthe, ach dheallróchadh an aimsir seo na Danes = phréachfadh sí na fiadha dubha / Ná bac leis an lá indé. Ba é an lá ba mheasa a raibh mé ar bóthar ariamh é. Phréachfadh sé na Danes /

Dáinte (: ainm-fhocal) fc. táinte.

Drabhsáilte (: drəusāʟ′t′ə): aidiacht (as Béarla drowsy) = tugtha, siongtha, codlatach
Tá sé drabhsáilte 'bharr óil / Tá mé drabhsáilte de bharr ragairne na h-oíche aréir / Nach bhfuil a fhios agad go maith go bhfuil sé drabhsáilte agus é ar neamh-chodladh le trí oíche imbéal a chéile /

Díog, Díoga [díoga go h-iondamhail] = ainm-fhocal; buineann; níor chuala mé aon-gheineamhnach air ach "díoga". Uimhir iolraidh — díogaí, díogannaí, díogachaí, díograchaí
Díog, Díoga: trinnse, claise, glais, claise leathan le h-ais móta, claise chois an bhóthair; seoch; claise fhataí nó claise chuir, go h-áirid ceann a beadh leathan.

Dheamhan an dóichide cleas dó ná tuitim sa díoga / Tá díoga mhór chois an bhóthair ann / Ag déanamh díoga atá sé indiu / Tá an áit faoi dhíograchaí fré chéile / Scóth sí an mhóta agus an díoga len a ais. Nar bh'ait an léim í sin do chapall /[Chuir sé an carr isteach sa díoga cois an bhóthair. Ba mhaith an t-ádh a bhí air nar mharbhuigh sé é féin agus gach's a raibh sa gcarr aige]/ Tá díogaí agus fiodáin annsiúd ó dheas de'n teach aige agus bháithfí "man of war" ionnta / Ní clascanna atá sé a dhéanamh ach díograchaí. Ach is cosamhail nach bhfuil mórán fóid annsiúd. Tá sé spíonta / [Dhá ndéanaidís corr-dhíoga mhaith leathan thríd an gcriathrach sin, d'fheic-feá féin air gur gearr a bheadh sé in a bhog-eibhinn mar sin. Níl maith ar bith 'sna trínnsí caola sin]/ Tá claise annsiúd thuas agam agus tá sí in a díoga = clais an-bhog, uisceamhail / Ná bac le na clascannaí siúd anois. Tá siad in a ndíogannaí críochnuighthe. Cinnfidh sé orainn a dtógáil chorr ar bith. Tá an fód marbh in a ghuta orra /

Dúmhach (: dūx) = ainm-fhocal; buineann; tuiseal geineamhnach uathaidh — dúmhaighe. (: dū:ī); uimhir iolraidh: dúmhchannaí, dumhcha (: dū:xə).
Dúmhach: talamh in aice an chladaigh a bheadh an-ghainmheach ach go mbeadh sé faoi fhéar; Talamh chreafóige meath-ghainmheach; druimeanna nó fearsaideacha gainimh a dteagann an taoille orra amanntaí [ach ní go minic a thugtar air sin é. Fc. muirbheach]

Cuirfidh mé an Dúmhchín imbliana. Is ait an dóigh fataí í an Dúmhchín = ainm garrdha in aice na fairrge. / Tá an Dúmhach Bheag faoi choirce i mbliana aca / Tá coiníní na h-eairí 'sna dumhchannaí sin síos le cladach. Ní fhaca tú in do shaoghal ariamh ach a bhfuil de chartacháin ann / Tá íochtar an bhaile uiliog faoi dhumhcha, agus an féar fada stalcánta sin ann. Dheamhan mórán éadála iad. / Teagann an taoille ar na dúmhchannaí sin i gcomhnaí. Níl ionnta ach gaineamh / Cé'n tsamhaoine dhó an Dúmhchín sin agus go mbíonn sí faoi uisce uair ar bith a mbíonn rabharta mór ann. Báitheadh dhá chaora air innte anuiridh /

Deán: ainm-fhocal, fireann, geineamhnach uathaidh agus ainmneach iolraidh: deáin
Deán (: focal Achréidh) = sórt trinnse, cuisle nó claise mar a d'fheicfeá
sa gcladach scaithtí i mion-dúrlinn; claise nach mbeadh domhain i sráid
nó ingort nó chois an bhóthair; lag, fiodán beag, sruthláinín, lag-chlaise.

Chaith sé nóta puint síos sa deán. Sin é a raibh an t-airgead fairsing
aige = gutter na sráide a bhí igceist / Tá deán siar ó Órán agus bhí mé
ag cur aníos feamainne ionn, lá, agus chuaidh an capall dhá báthadh
sa deán, agus b'éigin dom mo shean-bhéice a leigean ar Mh. Ó h-A. a
bhí taebh thiar dhíom go dtóigeadh muid an capall /[Tá deán síos
ionn — i lár na páirce — agus ní raibh acú le déanamh ach síneadh sa
deán nó go ndeachaidh an chontabhairt tharstú.]/ Comhnuigh-
eann an t-uisce igcomhnaí 'sa deán sin amuich ar an tsráid.
Caithfidh mé a líonadh an geimhreadh seo chugainn má fhágann
Dia an tsláinte agam / Bhí sé caithte sa deán atá thoir annsin
thoir chois an bhóthair. Lucht cuarta a fuair ann é. B'éigin spúnógaí a
fháil len a bhéal a oscailt. Dheamhan fata a changlóchadh sé len a ló
meireach gur frítheadh é]/ Indar liom fhéin go bhfuil deán in do
mhuineál = sórt lag nó gleann ann, agus é domhain thar mar bheadh sé i
ndaoine eile. Ar chúl an chinn a bhí sé ag caint [Seán Ó Beáin Cearnmór,
Baile an Chláir]. Dubhairt sé scaithín in a dhiaidh sin go raibh deán in a
mhuineál féin, ach 'séard a bhí igceist aige go raibh bealach breagh
fairsing sa bpíobán réidh aige, ag an bpórtar le dhul
síos! / Hébrí cé a chuir an tuighe sin d'fhága sé deán sa teach /

Díotamhail: aidiacht (Leitir Mealláin): toillsceánta, géar, cruadh, tollta
cruadh fuar, gaimheamhail [níor chuala mé ach faoi aimsir é]

Aimsir dhíotamhail í = toillsceánta fuar, agus farradh maith gaoithe ann, ach
é a bheith teann tirm / Uair díotamhail Mhárta a bhí ann. Bhí mé thíos
ag baint fheamuinne ar an gCurraigh agus fhobair gur préachadh mé leis an
bhfuacht. / Is olc í an uair seo ag fataí: aimsir dhíotamhail mar í.
Shearg siad go mór le seachtain / Bhí muid ag teacht as Árainn th'éis
beithidhigh a thabhairt isteach ann. Oíche dhíotamhail a bhí innte ar an
bhfairrge — oíche dhíotamhail as gaoth adtuaidh, agus chaith muid an bealach ar
fad a tornáil. Bhí sé in a lá gheal shul má rinne muid caladh /

Doigh, dógh (: dəï : dəi : Achréidh: na h-oileáin, Leitir Mealláin Leitir Móir, agus le fairrge aniar cho fada le na Mine nó mar sin. dō : Cois Fhairrge uaidh sin aniar): ainm-fhocal, buineann, geineamhnach uathaidh: doighe (: dəï). dógh: fireann: geineamhnach uathaidh: dógha: iolraidh: doigheachaí : dəixī — na h-Oileáin agus Cois Fhairrge cho fada aniar le na Mine. dɛ̄xī : Cois-Fhairrge. Deirtear dɛ̄ i leabaidh dō le dóigh i gcomhnaí i gCois Fhairrge nuair is iad na fiacla atá i gceist, agus amanntaí le doigheachaí eile doigh builg: dɛ̄ wel ′g ′ nó dō wel ′g ′. /
Doigh: driog péine, pian, arainn, donacht tobann, drillíní.

Bhuail doigh mé isteach im'imliocán agus shíl mé go raibh mé caillte. Céard a bheadh orm ach an tsnaoim (: snaidhm) eile sin. Bhain sí trí lá asam. Chuirfeá amach thrí chró snáthaide mé nuair a leig sí dhom /[Tháinic doigh eicínt isteach faoi bhun m'asnacha annseo anuiridh, agus mé ag feamnadh, agus sheaduigh sí mé go dtí sé seachtainí ó shoin. Nuair ab fhada liom go raibh sí ag imeacht, shoir liom go dtí an dochtúr, agus thug sé buidéal dom. Ó a chaith mé an buidéal, níor airigh mé ó shoin di.]/ Tháinic droch-dhoigh in mo thaobh orm. Bhínn ag screadach le pian scaithtí. Agus d'imigh sí aríst mar a tháinic sí. / Sin doigh ó arainn nó rud eicínt mar sin. Ní brigh í ar chuma ar bith / Ní fhaca tú aon-fhear ariamh ab fhearr a bhíodh ná é go mbuaileadh an doigh é, ach ó bhuailfeadh, mhaithfeá do Dhia gan a bheith ag éisteacht leis go n-imigheadh sí aríst. Ach ba bheag réidh an achair a thug sí dhó chor ar bith san aimsir dheireadh. Chothuigheadh sí i gcomhnaí é /[Tá faitíos orm an doigh sin a theagas air, gur ó chancar í. Tá cancar a mhic ó ar leath do thíre.
Níl innseacht ar bith ar a bhfuil ag fáil bháis leis anois, agus ní bhíodh caint ar bith fadó air]/ Isteach annsin as cionn mo dhúbhán-aí a theagas sí orm: droch-dhoigh dhá mbeadh neart air. Marab é an rud eile sin a bheadh do mo bhualadh — cé'n t-ainm atá air — "'pendicitis" / Tá mé go dona le doigh faoi'n bhfiacail / Airighim doigh annsin: isteach díreach im'imleacán / M'anam muise an té a mbuailfidh an doigh sin (: buinneach) nach fuláir do siubhal a bheith aige // Tá doigheachaí orm (: dɛ̄xī, dəixī) = tá doigheachaí fiacla (nó doigheachaí fiacal) orm = tá doigh (: dəi, dɛ̄) fhiacal orm [cialluigheann doigheachaí as

féin doigheachaí fiacal. 'Sé adeirtear go h-iondamhail, ach in áiteacha cuirtear fiacla, fiacal leis] /[Doigheachaí atá ag dul duit. Ól deoch uisce fuair cho tréan in Éirinn agus atá tú indon a ól … Níl tú indon fuilingt leis an uisce fuar! Nach maith a chaithfeas tú fuilingt lena doigheachaí!]/ Bhí mé de'n tsaoghal ag doigheachaí in imeacht na seachtaine seo caithte. B'éigin dom eirghe de mo leabaidh oíche, agus mo leiceann a chur le teineadh. Bhí mé ag screadach leis an bpian / Deir siad go bhfuil an píopa go maith ag na doigheachaí. Bodhruigheann sé an phian / Ní bheadh artha na ndoigheachaí fiacla agad? Tá mé in ainriocht ag doigheachaí / Níl aon-fhiacail ag gabhail liom nach bhfuil fabhtach, ach dheamhan doigh (: dɛ̄) a bhíos orm th'éise sin, ní ag tabhairt ghutha orra é! /[Sin í annsin an cailín a bhfuil na doigheachaí innte. Tá poll innte agus fearsad eile ag dul anonn thríd an bpoll, agus feicthear dhom gur thríd an bhfearsaid sin a theagas an driog i gcomhnaí. Beidh a shliocht uirre: ní bheidh sí ann ach feadh's mise a dhul 'na bhaile mhóir Dia Sathairn]/ Níl pian ar bith is boichte ná na doigheachaí fiacal, agus níl pian ar bith in a dheidh sin is lugha a mbíonn truaighe do dhuine ná í. / Tá a phluic uilig séidthe ag na doigheachaí fiacal. Diabhal mórán truaighe é nach dteigh-eann agus a dtarraint agus gan a bheith dhá mbuachailleacht annsiúd / Bhíodh doigheachaí ormsa nó gur chuir M. C. an artha dhom, ach dheamhan doigh (: dɛ̄) a d'airigh mé ó shoin, míle moladh le Dia / [ní bhíonn "tinneas fiacal" ag aonduine ach ag máistirí scoile, nó a leithidí!] // Tháinic dógh (: doigh) bhuilg ar an T. agus b'éigin eirighe as an gcéilidhe agus gan é nach (: ach) uair ar siubhal. Ní hé a (: ar) mbeannacht a thug muid do bholg an T. an oíche sin ar chaoi ar bith! [doigh bhuilg = pian bhuilg] / Bhí dógh bhuilg orm ar feadh an lae indé. Chaith mé an lá ag imeacht ar fud an tighe léithe, mar ní fhéadfainn comhnaí a dhéanamh in áit ar bith / [Tabhair doigh bhuilg uirre! Chaith sí cupla uair an chluig orm, agus shíl mé go dtiocfadh snaoim (: snaidhm) ar mo phutógaí léithe / Is olc í an dógh bhuilg sin. Chaith sí an tsíorraidheacht ormsa. Fuair mé fuascailt bhreagh uaithe anois le cúig nó sé de bhlianta. Ní fhágfadh sí siubhal an bhóthair ionnad]/ Sin é an fáth a bhfuil leigheas ar an

doigh bhuilg sa mbarrach. Cheal nar chuala tú é sin ariamh cheana. Sin é é muis /[Chaith mé an lá indé agus snaidhm reatha ar mo phutógaí ag dógh bhuilg. Fhobair nachar chriog sí mé. Is minic a bhí sí orm cheana; ach ní raibh sí cho gártha siúd ariamh orm. Sílim go mbogfaidh mé soir ag an dochtúr an chéad lá eile, ach is beag 'e mhaith sin. Gheobhaidh mé an buidéal buidhe! Sin é an méid!]// Tá dógh (doigh: dəi : dɛ̄ :) dō) ghoile ag dul dom = pian isteach faoi'n gcliabhrach nó imbéal an chléibh. Teagann sí ar dhuine mara mbeidh a chuid bídh ag teacht leis, nó ag feileamhaint dó, nó mara bhféadann sé aon-cheo a dhéan-amh thríd n-a cholainn. Cineál indigestion é / Tá an dógh ghoile sin orm le seachtain, agus má tá féin is olc an éadáil í. Níl aon-lá ó tháinic an caifí bradach sin nach mbaineann sí cupla lá sa tseachtain asam. Is furasta aithinte dhom an lá a dtiocfaidh sí: an lá a n-ólaim an caifí /[Ara tá an oiread bánráin aice anocht agus nach bhféadfadh duine fanacht in a goire chor ar bith. Tá an doigh ghoile sin léithe aríst; agus deir sí féin go bhfuil coilicum agus altraid chroidhe agus 'chuile anshógh uirre in aice sin]/ Chuir mé mé fhéin 'un domblais le poitín indé — poitín dóighte Sh. Dh. — agus tá a shliocht orm indiu, tá dógh ghoile orm ó mhaidin. / Bhí doigh ghoile le cupla lá uirre agus chuir sé ó ithe a codach í, ach níor chuir sé aon-champirín ar a teanga. Mo léan géar sé nachar chuir! / Níl neart agamsa ruainnín feola ar bith a ithe nach mbuaileann dógh ghoile mé. Dhá bhfeictheá mé thuas Dia Domhnaigh agus an-"hate" (heat?) ag an gcuid eile ar leota caoirfheola, agus gan agamsa ach driobaillín de scadán agus mé dhá chrinneadh (: creinneadh) liom sa gclúid. /[Tá dógh croidhe agus dógh ghoile agus dógh bhuilg agus 'chuile dhógh dhá bhfuil ann ag dul dó. Ach is maith atá fhios agam-sa céard atá ag dul dó sin: neart leoistidheacht' agus rístidheacht. Dhá mbeireadh an t-athair ar mhaide 'nuair a thosuigheas sé sin ag fuasaoid, agus tosuighe dhá rúscadh leis aniar ar an dromán, agus é 'ruaigeadh amach in a ghnatha, mise i mbannaí gur beag 'fhuasaoid a bheadh aríst aige. Ach ag peataidheacht leis a bhíos siad in a leabaidh sin]/ Doigh ghoile a theacht air siúd go deimhin! Tá coimpléasc aige siúd a leághfadh an chloch ghlas dhá dtugtaí dhó in a bhrúightín í. Is air mo léan nach mbeadh an mhairg. Chonnaic mise ag ithe fataí fuar beithidheach cheana é / Dógh croidhe (fc. dóghadh) /

Deornadh (: d ' ūrɴə : d ' ūrɴāl ' . ach dheorluigh jōrʟə Aimsir Chaithte in áiteacha): Briathar, Ainm-Bhriathar = fáisceadh, barróg a chur ar dhuine agus é a fháscadh chuige le luthgháire nó le lághaidheacht; rud a phuinnteáil nó a sceacháil le na bosa [: ag diúrnadh, ag diúrnáil: Ainm bhriathar. Dhiúrnaigh sé, dhiúrnáil sé; dheorluigh sé: Aimsir Chaithte. Diúrnálfaidh sé: Fáistíneach. Dheorluigh: Muigh Cuilinn]

Tá sé dhá diúrnadh: barróg aige uirre agus é dhá teannadh leis / Chaith sí an oíche ag diúrnadh an pháiste ag iarraidh é a bhréagadh agus foighid a chur ann, ach bhí sé ar an táirm chéadna igcomhnaí. Dearg-amhlóir é siúd /[Dhá mbeitheá ag marbhú mairt ní bhreathnóchadh sé ort ach dhá diúrnadh sin aige 'chuile oíche san aer. Shílfeá go mbeadh náire fhéin air, agus lucht na gcuart ar fad ag breath-nú air, ach dheamhan náire muis, ná fios aige céard í]/ Dubhradh leis go raibh an bhean ag an doras, agus d'eirigh sé de gort a gharta len a diúrnadh aige, ach ní raibh roimhe ach an ursain (: fear a bhí leath-dall) / Bíonn sé dhá diúrnáil leis de réir a láimhe igcomhnaí, ach níl aon-chosamhlacht pósta fós orra. Dheamhan a fhios agam cé'n chaoi a mbeidh sé as a dheireadh. Is olc í an bhádóireacht chois teallaigh, nó an chúirtéaracht fhada, adeir siad / Dhiúrnaigh sí an inghin isteach chuice. Shílfeá gur anuas as na Flaithis a thuit sí aice, agus scáth an t-achar ó a chonnaic sí cheana í / Shín sí amach a dhá láimh, le breith orm agus mé a dhiúrnadh aice, ach ní raibh mise ag iarraidh a cuid póga chor ar bith agus d'fhan mé glan uirre /[Cé'n sórt diúrnáil a bhíos mar siúd aice ar an im. Ó a bhíos an mioscán déanta aice, shílfeá go ndéanfadh sin í. Is maith an rud riar. Ach caithfidh sí siúd gnaithí a bheith aice nach mbeidh ag aonduine]/ Ag diúrnadh prindín ime a bhí sí, ar a dhul isteach dom. Go deimhin chásuigh sí nach bhféadfadh sí láimh a chraitheadh liom. / Ná bac len a cuid maitheasa sin! Istigh sa ngríosach ar feadh an lae ag breacadh a luirgní, agus ag diúrnáil an chuit in a

h-ucht! / Caithfidh sí an lá aríst ag diúrnáil an chóitín sin
le ríméad. Shílfeá uirre gurb é an ball is breácha a
cheannuigh bean ariamh é! Mo chreach mhaidne í! / Bhí
ceart ag an gcáca sin a bheith fuinte ar chuma ar bith agus
an fhad agus a chaith sí dhá dhiúrnadh idir a lámha. Ach chreidim
gur cáca "grandáilte" a bhí ann, agus nachar mhór fuint
duine uasail a thabhairt air / Dheorluigh sí é as comhair a
raibh ann. "Mo mhaicín bán" adeir sí, "shíl mé nach leagf-
ainn súil ort go deo deo" /[Bíonn an oiread diúrnál'
aige ar na coicíní beaga sin muis agus dhá mba cocaí
móinfhéir nó cocaí iothlann iad. Agus nuair a bhíos an
féar uiliog ina chocaí beaga aige seasann sé thoir ar
an gcnocán, agus má fheiceann sé ceann ar bith aca
maoilscríobach teigheann sé siar aríst go bpuinteálfaidh sé
tuilleadh é. 'Ar ndú' níl aon-fhear le fáil is puinteáilte
ná é]// Dhá bhfeictheá a raibh de chíoradh agus de dhiúrnadh aice ar a gruaig
nuair a chuala sí go raibh S. síos faoi'n mbaile! Shíl sí
go dtiocfadh sé ag breathnú uirre. Fuair sí amach é
muis. Ní theastóchadh uaidh ach sin! // Phóg sé agus dhiúrnaigh
sé í = phóg sé agus dheorluigh sé í [: cuirtear an dá fhocal
le chéile, nó déanfaidh ceachtar aca ar aghaidh féin, ach go
bhfuil ciall áirid le diúrnadh má bhíonn sé ar a aghaidh féin] /
Ní hé an mac amháin a mhic ó, ach phógfadh sé agus dhiúrnfadh sé
a raibh istigh dhá dtugtaí cead dó. Bhí an deoir faoin
a shúil! "Cé'n chaoi a bhfuil do cholainn uasal" adeir sé
liomsa /[Rug sí aice orm i lár na sráide agus phóg sí agus
dhiúrn sí mé as comhair na tíre. Ní thiubharfainn deoir
fhola le náire. Cé'n bhrigh nó gur thosuigh sí ag caint: "a
mhac mo chol-ceathair, a mhac mo chol-ceathar nach bhfaca mé
leis an fhad seo … ". Mo choinsias agus dar m'anam, níor
tháinic aon-lá ariamh mar é ar shlata an bhaile mhóir, agus
cáir ar 'chuile fhear]/ Beidh pógadh agus diúrnadh ann ach a dteagaidh sí
sin abhaile anois. Shílfeá gur as a tóin a eirigheas an ghrian ag a máthair.
Diabhal a leithide de ghairm agus a bhéas roímpe sin. Ní bheadh a leath-oiread

roimh inghin duine uasail / Shílfeá gur anall as California a tháinic sé agus nach bhfaca siad le scór blianta cheana é, leis an bpógadh agus leis an diúrnadh atá aca air. Is beag an diúrnadh a dhéanfas siad ar an té a choinnigh teach ariamh dóib: an ceann atá sa mbaile /[Nuair a chuaidh sí isteach thar an tairsigh buaileadh an cáca pósta uirre, agus ní raibh aon-tsean-bhean ar an mbaile nar phóg agus nar dheorluigh í. Diabhal a leithide de cheird! Ghlacfadh duine fuath ar an bpósadh nuair a d'fheicfeadh sé a raibh de chóirí catha annsin]/

Diaráiste (: d ʹīərāšd ʹə : d ʹīrāšd ʹə): ainm-fhocal is cosamhail.
Diaráiste: moladh, buidheachas, altú, beannú. [ní bhíonn sé ach is an aon-rádh amháin ag altú bidh, nó ag guidhe Dé le linn toirnighe, anachuine nó a leithide]

Diaraiste Leatsa a Dhia agus a Mhuire! = indeireadh urnaighe; ag altú an bídh; nuair a bheadh an t-uisce coisreacan dhá chraitheadh tim-peall tighe le linn toirnighe gártha, nó a leithide sin, adeirtear é / [Diaraiste Leatsa a Dhia agus a Mhuire, Santa Bairbre in aghaidh na toirnighe! Go gcumhduighidh muid féin agus ar gcuid agus ar ndaoine uirre!]/ Diaráiste Leatsa a Dhia agus a Mhuire, is mór an tóirneach í. Tá na scailtreachaí ag breith ar a chéile / Seo fagh an t-uisce coisreacan agus craith timpeall an tighe é, agus amach in aghaidh na síne. Diaráiste Leatsa a Dhia agus a Mhuire! Tá mé lionn-ruighthe /[Diaráiste leatsa a Dhia agus a Mhuire! Oíche chinn bhliana aríst go raibh muid féin agus 'chuile dhuine dhá(r) muintir abuil a chéile gan bascadh gan bearna, má's é toil Dé agus na Maighdeana Glórmhar é! = altú bídh oíche Nodlag]/ Diaráiste leatsa a Dhia agus a Mhuire! Go dtugaidh Sib slán ó'n oíche agus ó'n mbliain, muid fhéin agus a' (: ar) ndaoine, is 'chuile cheaird dhá bhfuil siad, agus go dtugaidh Sib an ghlóir shíorraidhe dhár imigh uainn ar shluagh na Marbh. Amén = Deireadh an Pháidrín Pháirtigh / Is mór an feochan gaoithe é, diar-áiste leat a Dhia agus a Mhuire! Ní fhágfaidh sí scraith ar an teach. Craith an t-uisce coisricthe imbéal na gaoithe /[Diaráiste leatsa a Dhia agus a Mhuire! Go bhfoiridh an t-Athair Síorraidhe anocht ar dhuine ar bith atá amuigh sa gCogadh sin! Go dtárrthuighidh Dia sin! Nach orra atá an fonn a chéile a mharbhú! Go dtugaidh Dia agus A mháthair bheannuighthe 'chuile dhuine dhínn féin slán uaidh — sin é a bhfuil againn a rádh]/

Deoch: ainm-fhocal, buineann: tuiseal geineamhnach uathaidh: ní theigheann claochmú tuisil air anois ach go h-annamh — go fíor annamh — cé's moite de leag-anacha i sean-scéalta, in amhráin: "nua gach bídh agus séan gach dighe". Uimhir Iolraidh: deochannaí, deochanna, deocha.
Deoch = scáird, taoscán nó strioncán de lacht a ól.

Tabhr'om deoch! / Deoch nó an sagart! = mara bhfaghaidh mé deoch ar an toirt boise, gheobhaidh mé bás / Níl sé ag caitheamh deoch ar bith anois = níl sé ag ól; nó othar a bheadh ag cur suas do dheochannaí / Sheas sé deoch / Is dona uaidh deoch a sheasamh /[Sheas sé go leor deochanna / Cneagaire ceart é: ní sheasfadh sé aon-deoch dhuit dhá dtuiteadh déidín agad dhá uireasbhaidh / / Chuaidh an deoch sin le m'anáil / Thóigfeadh sé na garrantaí sin thuas uaidh ar cíos ach nach bhfuil aon-deoch ionnta (: uisce le h-aghaidh beithidhigh) / Tá an baile seo buailte ar fad. Níl deoch bó ná gamhain ann ó lá Bealtaine amach / Dhéanfadh capall choidhchin d'uireasbhaidh deoch, ach níl acmhuinn ar bith ag an mbó / Bhí sé ag tabhairt deoch do bheithidhigh thiar annseo trathnóna]/ Mara bhfaghaidh siad deoch tiocfaidh tart bruil-eacháin orra / Tá na gamhnaí sin thíos thart cheal deoch [Deoch adeirtear go h-iondamhail i gcásanna de'n tsórt seo agus ní uisce] / Talamh bambair-neach é. Níl deoch bó ná gamhain ann / Ní thiubharfadh sé deoch de'n uisce dhuit dhá mbeadh a fhios aige go mba rud é a dhéanfadh leas duit = ní thiubharfadh sé deoch an uisce dhuit etc. / Níor thug sí deoch an uisce d'aonduine istigh ar a baile ariamh. Thug muis! / Is deas an fear a dtiocfainn dhá iarraidh air — fear nachar thug deoch an uisce d'aon-dhuine ariamh /[Ní thiubharfadh sé deoch de'n uisce dhuit dhá mbeitheá ag fáil bháis leis an tart. Tá sé an-daoitheamhail / Is iomdha deoch a h-óladh ariamh air, agus sin é an chaoi a bhfuil sé 'sa deireadh = is minic a h-óladh a shlainte; ba mhinic daoine ag ól a shlainte ach eisean a sheasadh na deochannaí]/
"An té a bhíos thuas óltar deoch air: an té a bhíos thíos buailtear cois air" = bíonn meas agus ollghárdas do'n fhear mhór, ach níl le fáil ag an bhfear dólom ach 'chuile dhuine eirghe in a mhullach / Sin é an chaoi. Bíonn gairm roimh an bhfear mór igcomhnaí: "an té atá thuas óltar deoch air", a mhic ó, mo chroidhe / Ólaidh deoch ormsa anois. Goirm 'u' (: bhur) sláinte! / Seogaidh 'fheara. Ólfamuid deoch ar Develera anois. Choinnigh

sé an tír as an gCogadh / Ólfamuid deoch ar an bhfear gnaoidheamhail a thug duinn é. Agus má' seadh féin ní hí an chéad cheann aige í / Óltar deoch ar an lánamhain óg, agus go mairidh siad a nuaidheacht, agus go dtugaidh Dia saoghal fada le sógh dóib! / Tá sé as deochannaí anois má d'imigh M. Choinnigh sé snáth faoi'n bhfiacail an fhad agus a bhí sé sin sa mbaile, ach troiscfidh sé anois /[Go deimhin, chuirfeadh sé deochannaí ar an smut agamsa dhá n-ólainn uaidh iad, ach níor ól]/ Chaith sé stráis-iún ag iarraidh deoch a chur orm, ach ní bheadh plé ar bith agam leis. / Thairg mé deoch dhó ach ní óladh sé í. Bhí mo chuid agus mo bhuidheachas agam annsin /[Ní mór dhuit deochannaí te a choinneál leis go dteagaidh sé as sin]/ Is olc í an deoch fhuar sin duit ag dul a chodladh duit / "Biadh agus deoch faoi Nodlaic agus éadach nuadh faoi Cháisc" (: sórt leath-fhocal) / Bhíodh na daoine ag caint fadó ar bhiadh agus deoch faoi'n Nodlaig agus éadach nuadh faoi Cháisc ach is éadach nua 'chuile am de'n bhliain anois é / "Deoch — mara bhfuil — agus má tá, ná tabhair," adeir sé. "Tá" adeir sí, "agus ní bhéarfadh, agus marach go bhfuil, bhéarfainn". [Fear a bhí mór le bean. Ní raibh aon-ghnaoi ag an athair air. Tháinic sé ag an doras, agus sin é an chaoi ar fhiafruigh sé a raibh an t-athair istigh] /[Ól deoch leanna. Tá sé go maith an t-am seo bhliain]/ Níl cinneamhaint ar bith anois ar dheochannaí pórtair agus an ghrian ag ársú [: ó lár an earraigh go dtí lár an tsamhraidh] / An rud is fhearr a d'ól fear ariamh deoch bhláthaighe / An bhfuil aon-deoch leamhnacht' agad / Fuair mé deoch chapaill de fuisce = deoch mhór /[D'ólfadh sé sin deoch chapaill de phoitín dhá bhfaghadh sé é, ach tuilleadh diabhail aige má fhaghann sé uaimse é]/[Bhí sé thiar agus é ag ól deochannaí capaill de bhainne na h-easóige (: poitín)]/ Rinne sé deoch chapaill dhe = d'ól sé go leor dhe d'aon-iarraidh amháin / Ní deoch duine a bhí sa ngloine a thug sé dhom, ach deoch chapaill / Ólfaidh sib deoch an dorais anois = an deoch deireadh sul a bhfágtaí teach ósta nó teach / Seolaighidh lib anois seo í deoch an dorais / Caithigidh siar iad, nó go bhfaghamuid deoch an doruis / 'Sé a sheas deoch an doruis / Bhí mé ag imeacht agus dheamhan maith a bhí ann, nó go n-ólainn deoch an doruis / Beannacht Dé dhuit! Cé'n

mhaith duit a bheith ar an sclaibéaracht sin. Nachar ghluidh (: ghlaoidh) tú deoch an dorais cheana tá dhá uair ó shoin / Thug sí deoch shuain [deoch suain freisin] dó = rud a chuir codladh air [bíonn sé igceist i sean-scéalta] / Thug an dochtúr deoch suain dó, agus níor dhúisigh sé aríst go ceann dhá uair déag, ach nuair a dhúisigh bhuail an phian aríst é / Is diabhlaí an chaoi atá air sin, go mbíonn sé ar neamh-chodladh igcomhnaí. Níl sé indon néal ar bith a thabhairt leis gan deoch shuain a fháil /[Gheobhaidh tú deoch suain annsiúd, agus sínfear ar an mbord tú, agus ní aireochaidh tú a dhath, go ndúisighidh tú agus leath do phutógaí ag imeacht in a mbéal ag cuit na Gaillimhe! / 'Ar ndú, ní fhuilneochadh aonduine é marach an deoch shuain. Cé'n chaoi a bhfuilneochadh!: sceana agus seacht bhfaobhar orra ag déanamh spólaí de do bholg! Beannacht Dé dhuit!]/ Mara leigidh sé sin dhá chuid ámhailleacht, diabhal bréag nach dtiubh-arfaidh mise deoch shuain dhó! = túirne Mháire; griosáil; an oiread agus a chuirfeas codladh air / Má fhaghann tú cuaifeach (: dorna) uaidh siúd, beidh do dheoch shuain agad! / Thug P. deoch shuain dó oíche Nodlag! Níor facthas amach ó shoin é /

Deasgabháil: Ainm-fhocal (d ' asgïwāl '); buineann, geineamhnach uathaidh : deasgabhála = deich lá ó Dhiardaoin Deasgabhála go dtí Domhnach Cingcíse; turgabháil nó gabhail suas Chríosta ar Neamh.

Ní sheod Cingcís ar bith fós. Seo í an Deasgabháil. Tá seachtain eile ar an gCingcís má's leat urchar iascaigh a chaitheamh roimpe / Níl muid fós ach sa Deasgabháil. Ní bheidh an Chingcís ann nó go bhfeicidh tú an Domhnach. / Diardaoin Deasgabhála tosach Deasgabhála. Tá saoire air. /[Sílim féin nach mbíodh ar Dhiard--aoin Deasgabhála fadó ach breac-shaoire. Chuir siad an tsaoire aríst air, agus bhain siad de lá eicínt eile í. 'Ar ndú leath na laetheantaí a mbíodh saoire orra fadó níl saoire ar bith fanta orra anois. Mara dteighidh tú ach síos Gaillimh agus is gearr uait é, agus níl saoire ar lá ar bith ach ar Lá Nodlag agus ar an Domhnach]/ Sin é an lá a raibh Deasgabhail Chríosta ann: chuaidh Sé suas ar neamh an lá sin. Shílfeá gur dona atá do chuid agusc (: teagasc) Críostaidhe agad, th'éis cho fada ag dul ag an scoil thú! /

Docht: ainm-fhocal; fireann; geineamhnach uathaidh: doicht.
Docht: calcadh; stopainn; bacainn; teampán; guaim; coisceadh;
scárdadh nó brúscadh nuair a chuirfí i leathtaobh teampán /

Bhí stopainn ar a uisce, agus thug an dochtúr purgóid eicínt dó.
Annsin bhuail docht fuail é = bhí stopainn ar an uisce nó go dtug an
phurgóid fuascailt dó, ach tháinic sé annsin in a scáird chumasach /
Sin é an chaoi a bhfuil sé sin go bhfóiridh Dia orainn! Rinne sé
éagcóir eicínt air fhéin ag árdú clocha isteach igcarr annsin
thiar cupla bliain ó shoin, agus tá stopainn ar an uisce ó shoin.
'Sé'n chaoi a mbíonn sé aige, stopainn agus docht fuail gacha le
seachtain /[Tháinic docht fuail uirre — an créatúr — cupla lá shul
ó fuair sí bás, agus níorbh fhéidir soithigh a fháil a dtuillfeadh sé ann.
Rud eicínt a rinne an dochtúr léithe. Ach má seadh féin, ní
bhfuair sí aon-bhiseach in a dhiaidh]/ Ní ól ar bith é an "lemonade"
bradach sin. Bhí mé thoir annsin lá in éindigh le M. B. agus le S. Ó. C.
agus J. N. Chaith mé an lá ag ól an lemonade: buidéal ar an
bpionta leo-san. Chuir sé docht orm faoi dheireadh. Dheamhan
deoir a bhí mé indon a dhéanamh thríom síos aige. Shíl mé go
raibh mé réidh. Dubhairt D. liom a dhul amach agus an t-uisce
a fhágáil ag scárdadh as an "tap" go ceann scathamh. Sin é an
uair a tháinic sé /[Tá docht ar a uisce. Ach ní measa rud eile.
Sean-fhear ar bith a mbuailfidh sé sin é, is gearr é a
shaoghal. B'fhéidir go mairfeadh sé bliain nó dhó leis, ach diabhal
mórán thairis]/ 'Sé'n chaoi a raibh sé ag dul domsa docht a bheith orm.
Bhí a mh'anam in imeacht trí nó ceathair de laetheanta. Chuaidh mé
siar ag an dochtúr, ach 'ar ndú', ba déanamh mo ghearáin le giolla
gan truaighe é. Cé'n brigh ach bhí leisce orm a dhul ag caint faoi
le aonduine. Diabhal easna dhó (: dhe) nachar tháinig uaidh féin sa
deireadh / Tá docht uisce 'sa tóchar siúd. An súighteán a tháinic
aníos leis an rabharta agus leis an taoille mhór, tá sé coinnighthe
i bhfus, in áit ar leag sí béal an tóchair amuigh sa dúrlinn.
Tá an tóchar ar fad calcuighthe anois. Ní dhéanfaidh sé siúd aon-
mhaith go gcuirtear comhla amuigh leis /[Beidh docht uisce agad sa
bportach sin, nó go mbainidh tú an stannadh amach uait. Is bocht
sa diabhal nach mbeadh. Nach furasta aithinte do dhall gan súil é]/

Docht, Dochtmhar: aidiacht = fáiscthe, calctha, do-bhogtha, do-bhainte, deacair, dóroinneach.

Tá an fhuinneoig sin an-docht [nó dochtmhar amanntaí], ach is beag an dochar di. Níor cuireadh síos ná suas í ó a chuaidh sí isteach, agus maidir le gionnóid (: deannóid) "phaint" a chur uirre, ní dheacha a leithide uirre. / Nach docht atá sé an diabhal! Ní fhaca mé claibín ar bhuidéal ariamh cho docht sin. Dheamh-an aithne air nach éadáil atá ann /[Ní bhainfidh tú é, gan "turn-screw". Tá sé ro-dhocht. Ach d'eireochadh dhó: ní raibh deoir as aer le dhá bhliain nachar buaileadh air sin]/ Bhí sib ag rádh nachar "windeáileadh" an clog seo. Cé'n chiall dó a bheith cho docht mar sin? Ní maith liom teannadh air an iomarca, faitíos go gcuirfinn ó rath uiliog é / Bí dhá casadh (: uaireadóir) nó go n-airighidh tú docht in t'aghaidh í. Sin é a dhíol / Sin é an portach atá docht a bhaint. Níor chuir mé aon-tsleághan in aon-phortach ariamh sílim is doichte ná é / Tá sí an-docht sa talamh (: cloch). Púdar nachar mhór do'n chailín sin. Sin é a scoiltfeadh go talamh iochtair í /[Is diabhlaí docht a d'fháisc sé é. Caithfear an pionsúr a chur in a éadan. Tá breathas ar a lámha — rud ar bith a rachas sé a laimh-seáil]/ Docht le meirg atá sé. Ní thiocfaidh sé sin dó (: dhe) go réidh / Tá a geanntrachaí cho docht idtalamh ag Sasana sin agus nach féidir a bualadh. Níl indán buailte dó a mhic ó, nuair nach n-ionnsóchadh an Domhan fré chéile í /[Bhí sé cho docht annsiúd le doras, agus nachar mhór duit cannda "gelignite" len a chur as. Ní chorróchadh tada eile é / Tá an glas sin an-dochtmhar. Mara gcuiridh sib braoinín ola air, ní chasfaidh an eochair é chor ar bith go goirid / Tá claise an tsrotha siúd an-docht. Ach tuige nach mbeadh. 'Sí is fhearr ar bith agus an t-achar ó tóigeadh í = níl an t-uisce ag rith innte, arae tá luibhthearnach, fóide, clocha agus eile dhá bhacadh. / Tá an doras sin an-docht. Caithfear ruainne beag snuidheacháin a dhéanamh ar an ursain sin aríst. / Doras docht dubhshlán -ach é = doras docht daingean é [cuirtear cuingir ar na focla sin mar sin go minic /[Tá an leac sin docht dubhshlánach. Is beag

an mhaith do ghróín agus t'oirdín in a h-éadan sin]/ Nach hé atá docht (= nó
docht daingean] = fear a bheadh dóroinneach faoi rud a bheadh sé
a dhíol; ba deacair margadh a dhéanamh leis / Go gcuiridh Mac dílis
Dé an t-ádh ort! Ní cheannóchadh duine ar bith aon-cheo uaidh sin.
Tá sé cho docht le sean-chrann / Nach docht daingean a cuireadh
é sin annsin. Do dhubhshlán anois a bhaint as th'éis do chuid gaisce
/

Dearbhtha: aidiacht nó aidiacht bhriathar: rí-chinnte; an-chinnte
amach agus amach; gan aon-aimhreas; gan goir a bhréagnú.
Dearbhthú (: d ʼ ærəfū): ainm-bhriathar, ainm-fhocal = cruthú /

Níl fear ar bith is dearbhtha dhuit a dhul dhá iarraidh air ná S. =
beidh sé ag S. go cinnte /[Níl bean ar bith is dearbhtha dhó a iarr-
aidh ná an bhean atá imbéal an dorais aige féin. Gheobhaidh
sé í sin, ach m'anam go mbeidh tóraidheacht air shul a gheobhas
sé a leithide eile]/ Sílim nach bhfuil fear ar bith is dearbhtha
dhom a dhul dhá líonadh aige (: páipéar) ná an sagart. [Maidir le na máistirí
scoile sin bíonn pus orra leath na gcuarta má iarrtar tada
orra.]/ Níl áit ar bith is dearbhtha dhuit a dhul ag iarraidh fátaí
anois ná siar do'n C. Dh. Tá fataí go barr bachall aca fós, má's
mian leo scaradh leo. Dheamhan a n-eiteochadh M. thú, ná faoi
chuid is mó ná sin / Go dearbhtha tá! [nó tá go dearbhtha] = Freagra ar "An bhfuil sin amhlaidh".
agus rl. / Go dearbhtha chuaidh! Nach bhfaca mé féin é ag dul isteach
ann /[Go dearbhtha rinne! Nach bhfaca mé dhá dhéanamh é. Cé'n
chaint sin ort? / Tá mé dearbhtha = freagra ar: "An bhfuil tú siúr
-áilte, cinnte agus rl.]/ Tá mé dearbhtha dhe. Nach bhfaca mé dhá
thabhairt as é / Go deimhin agus go dearbhtha is beag an dochar dhuit
náire a bheith ort, ach níl a fhios agad céard í, ná tada dhá shórt
= cuirtear an dá fhocal le chéile mar sin leis an gcaint a
neartú // Go deimhin agus go dearbhtha duit is dona an fear le pósadh é.
Níl sé ann níos measa /[Go dearbhtha féin muis, níl aon-fhata
ag gabhail linn, nach bhfuil scállta. Rinne an sioc seo slad]/
An bhfuil dearbhthú ar bith agad leis an méid sin. Má tá innis é
= cruthú / Mara bhféadaidh tú an méid sin a dhearbhthú is beag an
mhaith duit a rádh. Ní thiubharfaidís siúd comhaireamh na sop ar t'fhocal /

Dramhsach, dreamhailte: aidiacht: [an rud céadna a chialluigheas an dá fhocal] = caillte, meathta, dona, truaillighthe, feidheartha, sa ngearradh dhíob

Tá sé in a shean-fhear dhramhsach dhona = meathta, truaillighthe, tugtha uaidh / Is dreamhailte an duinín é sin len a chur isteach idteach ar bith ag iarraidh mná. Bean ar bith a fheicfeas é, go deimhin déarfaidh sí léithe féin nach téagar mór é sínte leis an taobh aice ar dhubhluachair na bliana mar seo. Ach tá an spaga aige in a dheidh sin / Muise a Dhia dhá thárrtháil! Nach dramhsach an cleiteacháinín a bhí ag iarraidh achrainn istigh imbaile an bhfuil "bullies" ann mar an baile sin. [Ach is dóigh gur spóirt a fuair siad air. Níorbh fhiú d'aonduine a dhul ag fiachadh air. Fághadh sé a chonra, 'sé is goire do leas dhó, agus ní achrann]/ Gamhainín dreamhailte dona a bhí aige, gan biseach ar bith faoi shíl-feá. Chuaidh sé chúig phunt cúig déag. Diabhal trí phunt a gheobhadh sé air aon-aonach le bliain, ach bhí siad thrí lasadh indiu / Is dramhsach dona an tsuaróigín do bhean a casadh air, faoi dheireadh thiar, léis (: tar éis) a raibh de ghoittí aige. Go deimhin is gearr an bás uaithe, nó tá sí féin agus a cosamhlacht in aghaidh a chéile / Cá mbeitheá ag tabhairt an bhuinneacháinín dhreamhailte sin, agus gan fhios nach h-iad na bodachaí móra seo suas a shiubhailfeadh air. [Níl gnotha ar bith aige sin ar bhainis. Níl aon-áit feilteach dhó sin ach an áit a bhfuil sé: áit a bhfuil cathaoireacha boga, agus clúmhach faoi agus thairis, agus bratachaí faoi a chosa, agus gan puth ar bith ag teacht air. Ní cheapfainn go seasfadh sé ibhfad ar an gcruadhtan]/ Is cuma dhó céard a dhéanfas a shaoghal anois, agus cho dramhsach caillte agus atá sé. Má tá airgead aige, baineadh siar as é, dhá shaothrú / Nach dona na laoghantaí atá ag teacht ó'n tarbh sin thuas. Breathnuigh ar an laoighdín sin ag S. Ph. Nach dramhsach éidtreoireach an feithideach é. Ní sháróchaidh sé an Márta choidhchin mara bhfaghaidh sé an-aire de'n domhan /

Didiló [: "d"eannaí Bhéarla na h-Éireann atá ann]: cruach, stuca, coca, nó duine beag a mbeadh goic aisteach air. Ní mór do'n rud a bheith beag.

An bhfeiceann tú an didiló de stuca a rinne sé! Is furasta aithinte gur fada ó arbhar a tóigeadh thú a stór! / 'Ar ndú ní bhainfidh sé ráithe as an didiló de chruach atá thuas annsiúd aige / Cá'il an didiló beag seo aniar ag dul meastú /

Docamhail, Dócamhail (: dokū:lʼ; dōkū:lʼ): ainm-fhocal, buineann, geineamhnach uathaidh: docamhla. (docamhail is coitianta). Docamhail: malrait socamhail, socamhal: cruadhtan, danracht, do-dhéantacht, easonóir, anró, tonnáiste, deacracht, teampán

Docamhail ort! = eascaine: nar eirighidh leat gan anró, agus teampáin; nar theighidh tú 'un tosaigh / Docamhail air le caoi a bheith air. Ó tá indán agus gur chuir sé sin de threampán ormsa, ní bheidh aige ach malrait, dar diagaí / Docamhal ort mar asal, mara tú atá roighin! /[Docamhail air agad! Caith in aer é feasta agus ná bíodh muid bodhruighthe aige níos fuide / Docamhail ar na mádraí céadna! Níor chodail mé aon-néal aréir aca nó go raibh an oíche thar druim, ach iad ag sclamhadh agus ag glafar-nach ar an tsráid.]/ Is deacair tada a dhéanamh ag docamhail [dóc--amhail, docamhlacht] na h-aimsire = an aimsir a bheith cruadh feannta fliuch / Chaith fuirgheacht calaidh trí seachtainí orainne cheana igcéibh an S. ag docamhail aimsire. D'imigh liom fhéin i leith faoi dheireadh agus d'fhága mé an bád agus a raibh ann annsin. Ní dheacha mé soir aríst nó go raibh sé in araidheacht a dhul 'un fairrge / Ní furasta mórán de'n rath a dhéanamh ann ag docamhlacht an bhealaigh = bealach aistreánnach dona /[Ní bheadh a fhios ag duine cé's fhearr an socamhail nó an docamhail scaithtí. Breathnuigh air seo amuigh. Ní cheal airgid atá air, ach cé'n sógh atá ar an saoghal aige in a dheidh sin, lá agus go bhfuil sé féin agus a bhean in árachaí a chéile 'chuile ré soluis.]/ Shílfeá go mbeadh duine ag saothrú an tsaoghail annseo ach tá 'chuile shórt ceart ach docamhail na fairrge in a dheidh sin. Dheamhan greim a gheobhas bádóir nach greim saothruigh -the é /[Beannacht Dé dhuit! Ní chuirfinn bó ar bith siar ann, agus gan fios agam nach basctha a bheadh sí trathnóna. Ní mó ná na gabhair atá in don docamhail na mbreaclachaí sin a mharaidheacht (bharraidheacht?)]/ Tabhair thusa docamhlacht ar sin! Bhí gacha le leagan dhá bhaint asam ag teacht aniar na clochair. [Ní túisce a bheinn i mo shuidhe, ná a bhainfí treascairt eile asam. Gheall mise do Dhia, dhá dtugadh Sé abhaile slán mé nach dtiubharfainn an tabhairt sin orm féin de shiubhal oíche le mo ló aríst. Níor mhiste liom dhá mbeadh trí mhíle d'aithgiorra ann, ghabhfainn an tímpeall níos mó]/

Docamhlach, Dócamhlach: aidiacht as docamhail, docamhail.
Docamhlach, Dócamhlach = malrait socamhlach; cruadh, deacair, danra,
treampánach, tonnáisteach, anróighteach, anacair, doiligh, trioblóideach.

Nach docamhlach an bealach a thug sé air fhéin an tráth seo d'oíche =
aistreánnach, do-shiubhalta / Nach docamhlach domsa
fios a bheith agam ar aon-rud nar léigh leabhar ná páipéar
ariamh = nach doiligh, nach deacair dom /[Saoghal docamhlach atá
aige ná ag a leithide atá ag pléidh le poitín. Cé'n bhrigh ach
an fuadach a thugas siad de'n airgead ach a bhfaghaidh siad é.
Deir siad, 'ar ndú', an rud a chruinnighthear ar dhruim an
Diabhail go n-imigheann sé ar a bholg]/ Is docamhlach an tslí
a bheith ag faire ar fhátall na fairrge igcomhnaí. Agus
sin é féin an fátall mar siúd ar an saoghal seo. Meas-
tú cé mhéad bád iascaire anois ar Chladach Theampall
Mhuire. Tá a fhios agam gur beag sin / Ní docamhlaighe dhuit
ná dhom féin. Nach bhfuil sé cho córa dhomsa a bheith ag fuasaoid an
bhealaigh leatsa /[Is docamhlach dom fios a bheith agam ar an rud
nach bhfaca mé ariamh. Ní raibh rudaí de'n tsórt sin ann le mo línn-
-se chor ar bith]/ Is docamhlach an bealach ag capall é, is docamhlach
sin. Shílfeá go dtiocfadh cúigear nó seisear aca le chéile, agus brat
cloch agus scráib ghainimh a chur ar an sean-bhoithrín siúd, thar agus a bheith
ag breathnú air agus é caithte go grinneal mar tá sé /

Drúllán (: drollán? Fc. Foclóir an Duinnínigh: drol) — ainm-fhocal
fireann: An daithín is lugha; an ceo is lugha, an rud is lugha?
[Níor chuala mé é ach is an sliocht seo síos d'argóinteacht
Oisín agus Phádraig. Ó m'athair a thóig mé é]

"Dá mba páipéar é an talamh glas: cleiteachaí na n-éan a
bheith in a bpeánn.
Clann Aoibhinn uiliog a bheith in a gcléir: Dúbhslán a n-iúmlán (: iomlán)
An drullán is lugha de phiantaí Ifrinn a chur i gcéill"

Driúillic: ainm-fhocal [Fc. codladh: codladh driúillic, codladh
driúillicín]

Dáimh (: dāv ʼ): ainm-fhocal, buineann, geineamhnach uathaidh: dáimhe uimhir iolraidh: dáimheannaí, dámhannaí.
Dáimh: gaol nó cleamhnas: baint eicínt a bheith agad le dream eile de bharr gaoil nó cleamhnais; smearachán gaoil nó cleamhnais.

Tá dáimh eicínt ann / Tá dáimh ghaoil aca len a chéile /[Tabhair faoi deara nach bhfuil dáimh eicínt aca le chéile má's gaol nó cleamhnas é. Marach go bhfuil ní iarrfadh sé ar an mbainis iad]/ Ara a dhearbhráthair ó, tá beagán (roint, cosamar, smearachán, bruscar agus rl.) Dáimhe ann. Col ceathar dom 'athair a bhí pósta aige. Nach shin é an fáth a mbíonn sé ag brughadh orm igcomhnaí /[Nach bhfuil dáimh ghaoil aca le chéile. Tuige nach mbeadh riu. Col seisearachaí iad]/ Tá dáimh aice sin le 'chuile duine sa tír má's fíor di féin, ach 'sé gaol mhadadh Úna le madadh Áine é. Ar chuala tú ariamh é: "Uisce fuar mo chreach agus gaol i bhfad amach". Sin é a fhearacht aice sin é / Dáimheannaí as éadan iad sin. Tá siad fighte fuaighte le 'chuile dhuine sa tír, de réir gaol a's cleamhnais. [Ní maith dhuit aon-cheo a rádh le aonduine as a gcomhair ar chaoi ar bith. Bíodh a fhios ag 'chuile duine cá mbeidh sé ag caint]/ Nach h-iad an chuid eile dhíot fhéin iad sin: an cleite is fhearr in do hata. In Domhnach tá na dáimheannaí ann, ach a gcomhaireamh /[Níor thosuigh mé ag dul thríd na dáimheannaí céadna ariamh, nach ngabhfaidís 'un seachmaill orm. Níl a fhios agam anois cé'n col de dhá chol déag muid, agus is cuma sa tubaiste. Ní bhuachfaidh mise ná iadsan mórán air, ar chaoi ar bith]/ Sin í an dáimh ghaoil nach fearrde mise mórán í. Deirimse leat má theighimse ag iarraidh cloch mhine ar trust air ar maidin ambáireach, nach mórán maitheasa dhom a rádh go bhfuil dáimh ghaoil agam leis /
Is dual dáimhe dhó a bheith mar sin = is dual dáimhe agus muintire dhó a bheith mar sin = ní ó'n ngaoith a thug sé é = fáisceadh as sin é / Ha muise, is dual dáimhe agus daoine dhó a bheith droch-mhúinte. 'Ar ndú' dhá dteigheadh sé le Cloinn Mhac Chonfhaola ní bheadh léigheamh ná innseacht scéil air /[Is dual dáimhe agus daoine di

cúl a cainte a bheith léithe. Níor leig a máthair aonduine thairti ariamh gan sclamh a bhaint as]/ Dhá dteigheadh sé le dáimh muis, mar sin a bhí aige a bheith. Ní raibh fear ar a chine nach raibh fabhtach / Níl gaol ná dáimh agam leo = gaol ar bith ná cleamhnas ach oiread / Is fada amach ó mo chaolán-sa a gearradh é: níl gaol ná dáimh agam leis / Bíonn sí ag brughadh gaoil i gcomhnaí orra, faoi rádh agus gur daoine móra iad, ach dheamhan gaol ná dáimh ann / Is mó an ghairm atá aice sin do'n té nach bhfuil gaol ná dáimh aice leis, ná len a muintir féin. [Ach nuair a theastóchas rud eicínt uaithe, ní bhíonn aon-leisce uirre an gaol a mhaoidheacht-áil mo léan!]/ Is fhearr dhuit an té nach bhfuil gaol ná dáimh agad leis, ná a raibh de ghaolta ariamh agad. Níl aon-duine sa tír nach bhfuil muintreach agamsa, ach ní thaobhóchainn ceacht-ar aca lá an anshógha. Ba bheag an mhaith dhom é dhá dtaobhuighinn féin /[Deirimse leatsa nach bhfuil gaol ná dáimh aca le chéile. Tá dhá Dhomhnall i gCúig' Uladh. Ní hé an duine céadna atá muid a rádh chor ar bith]/ Níl gaol dáimhe na dúthchais ann = níl gaol ná páirt ann; níl cosamhlacht ar bith aca le chéile / Níl gaol dáimhe ná dúthchais ann. Is beag an baoghal. Cá mbeadh sé? /[Ní cheapfadh aonduine beo go mbeadh gaol dáimhe ná dúthchais ag an mbeirt le chéile. Tá P. lághach sprideamhail, ach maidir leis an gceann eile, is cneagaire críochnuighthe é]/ Go deimhin níl gaol dáimhe ná dúthchais ag J. le duine ar bith eile dhá bhfuil istigh ar an mbaile sin. Amhuis de speireadóirí uilig iad ach é féin. Níor rugadh aonduine ariamh ar an mbaile sin, nach mbeadh anam duine air = cosamhlacht /[Níl gaol dáimhe ná dúthchais ag an dá rud le chéile. Is féidir fear a chur amach as lóistín nó as seomra thíos inGaillimh dhá mbeadh a chíos ioctha aige faoi chéad. Níl i lucht seomraí mar sin ach poilit-éaraí. Ach má tá fear pósta agus clann air amuigh faoi'n tír, is deac-air é a chur amach. Níl mé ag rádh nach féidir é a chur amach, ach is deacair leis an Land Commission é a dhéanamh in a dheidh sin]/ Níl aon-mhaith dhuit a bheith ag caint mar sin. Níl gaol dáimhe ná dúthchais ag an rud sin leis an scéal ar ball. Scéal ann féin é sin. Níl an Government ná dream ar bith eile indon tada a dhéanamh faoi sin, nó go ndéanaidh na daoine fhéin é /

Dúchas (: dūxəs): ainm-fhocal, fireann; geineamhnach uathaidh = dúchais
Dúchas: nádúr nó cáilidheacht bhunaidh duine nó beithidhigh; claonta;
gealta gadhair (hydrophobia); do mhuintir nó ceanntar do thuismighthe.

"Briseann an dúchas thríd shúile an chuit" adeir siad = an nádúr nó an
cháilidheacht atá induine nó imbeithidheach, briseann sí thríd, de bhuidheach-
as d'oileamhaint, d'oideachas, do chreideamh, agus do 'chuile rud dá ndéantar
len a choisceadh ón a chlaonta bunaidh /["D'fheicfeá braon faoi shúile
an chuit amanntaí: deir siad gurb shin é an dúchas" (ó m'athair)]/
Briseann an rud sin thríd mar a bhriseas an dúchas thríd an gcut /
[Th'éis a bhfuil d'fhoghluim air, tá caint fhada an tsléibhe ag briseadh
thríd scaithtí mar a bhriseas an dúchas thríd an gcut]/ "Leanann báidh
dúchas" = [sean-fhocal.] = bíonn báidh ag duine leis an mbaile
nó leis an áit ar tóigeadh é, nó len a mhuintir nó le béasaí a
mhuintire [Tá an sean-fhocal sin coitianta go maith in áiteachaí,
ach is beag má tá sé in áiteacha eile chor ar bith] / Tá sé ag ól
braonachaí poitín ó a tháinic sé abhaile th'éis nach leagfadh
sé béal air an fhad agus a bhí sé imighthe. Ach leanann báidh
dúchas, adeir siad /[Is iongantach gur annsin atá sé ag dul
ag déanamh tighe agus gan duine ar bith dhá muintir beo
anois ann. Ach is cóir adeir siad go leanann báidh dúchas.
Bhí nádúr aige leis an tsean-áit in a dheidh sin]/ Má seadh
féin, th'éis ar shiubhail sé tá nósa na tíre tóigthe aríst aige.
Deir tú leis a bhfuil na seidhríní thuas aige, fearacht an athar.
Leanann báidh dúchas 'ar ndú' /[Ní féidir go bhfuil bád ceannuigh-
the aige thuas annsin. Shílfeá nach mbeadh áit báid ar bith annsin.
Shílfeá anois, th'éis an chaoi ar tóigeadh é, nach mbeadh sé ag
leanacht do cheird an athar. Ach leanann báidh dúchas mar
adeir na seandaoine]/ Tháinic fear timpeall annseo an bhliain
cheana. Puicneach mhór mhillteach a bhí ann, agus ba deacair é a thuiscint.
Bhí sé cho gállda sin. As áit eicínt idtóin Mheiriocá a tháinic sé.
Chuir sé tuairisc na Loideánaigh, agus b'éigin sean-bhallaí
Thomás Labhráis a 'sbáint dó. Sin é an áit ar rugadh mo shean-
athair-sa adeir sé. Anois nach leanann báidh dúchas. Chroch sé

leis fraigh de'n eidheann agus slam de'n chaonach atá ar an mballa. / Scríobh sé abhaile imbliana ag iarraidh seamrac rud nach ndearna sé cheana le mo chuimhne. Leanann báidh dúchas mar sin féin / Tá sé ag dul in aghaidh dúchais = tá sé ag dul in aghaidh muintire = ní h-iad na tréartha is dual dó na tréartha atá ann; níl sé ar aon-cháilidheacht len a mhuintir roimhe /[Ó ní fheicfidh tusa aon-duine aca sin ag taobhachtáil ceoil ná damhsa. Ach dheamhan a fhios agam céard adéarfainn leis an gceann óg sin ann. Tá an-fhonn amach uirre. B'fhéidir go ngabh-fadh sí in aghaidh dúchais]/ Tá 'chuile dhuine go tóin aca mar sin cé's moite de P. Tá sé sin ag dul in aghaidh dúchais / Cébí cé uaidh a dtug sé é muis, tá sé gnaoidheamhail, ní hé sin don chuid eile é. Teigheann éan as 'chuile ál in aghaidh dúchais. / Diabhal suim ar bith ag J. in airgead. Chaithfeadh sé airgead na h-airrí agus bíodh sé aige. Chuaidh sé in aghaidh dúchais ceart muis. Ach bíonn cuilíneach ar 'chuile thréad adeir siad. /[Níor dhual di muis a bheith mar sin. Chaithfeadh sé go bhfuil sí ag dul in aghaidh dúchais. Ní raibh duine ar an bhfeadhain aca sin nach raibh droch-mhúinte angránta]/ Bheadh sé ag dul in aghaidh dúchais mar a ndéanadh sé é sin. [Chonnaic mise a athair thíos 'sa teach cheana. Bhí duine de'n chlann sin anois in a ghasúr bheag ag tónachán ar an urlár. Tháinic P. F. isteach. Thug sé píosa sé pighne do'n ghasúr. Bhí an-phráinn ag an ngasúr as. Chreid-im go raibh práinn cho mór ag an athair as, nó b'fhada leis go raibh muid ag imeacht nó caoi eicínt. Sciobann sé an sé pighne ó'n ngasúr ar chuma ar bith. Bhí na h-ollghártha ag an ngasúr ag iarraidh an airgid]/ A Dhia dhá thárrtháil muis! Cuir eanga sa ngabhail, má bhí duine de mhuintir Fhínneadha óltach. Ab é an smutachán beag sin? Is fear é muis a chuaidh in aghaidh dúchais. Níor chaith aon-duine aca ariamh bonn le ól cheana // Tá an madadh sin amuigh le dúchas = galra a bhuaileadh mádraí roimhe seo.

Theighidís ingealta. Ar uair uaibhrigh 'sa samhradh is mó a bhuaileadh sé iad. Bhéarfadh sé ar rud ar bith. Rud ar bith a mbéarfadh sé air, bhí sé fhéin le dúchas agus ba shin é a raibh de léas aige / Ní fhaca tú madadh le dúchas ariamh. Well ní fearr duit a fheiceáilt. [D'fheicfeá go minic fadó iad. Bhí madadh againn annseo uair: madadh

mór gliobach ruadh. Chonnaic mé féin thuas ar an teallach lá é agus é ag ligheachán a chuid uisce féin. Bhuail mé cnap air. Ba mhí-nádúrtha an rud é. Ba ghearr go raibh a chuid súile cho glórach len a bhfaca tú ariamh, agus claon-fhéachaint i gceann aca. Faoi cheann cupla lá, bhí sé ag creathadh ar fad, agus banlá dhá theanga amuigh agus gan mothú ná arann in a ghiall déarfá. Dheamhan asna dhó nach n-eirigheadh ar a chosa deireadh agus thugadh sé farradh 'san aer. Bhí tart céadtach air, agus síon chráidhte aige, agus é ag cur chubhair amach. Dhá bhfeictheá na creaithtí a bhí air. Agus bhíodh sé caithte anuas in a phleibistín 'chuile phuínte. Cailleadh é th'éis cúig nó sé de laetheantaí. Dúchas a bhí air. Is fada go mbeithí dhá bhuachailleacht anois. Chaithfí é]/ M'anam dhá mbeadh dúchas air, go mbeadh sé thar a bheith i "fits". Níl dochar ar bith sna "fits" sin. Ach ní fhaghadh an madadh dúchais biseach ar bith go marbhuighthí é. An té a mbéarfadh sé air, bhí sé le dúchas cho maith leis an madadh. Dhá bhféadthá an madadh a mharbhú, é a bhruith, agus an súgh a thabhairt len ól do'n té a mbéarfadh sé air, leigheasfadh sé é. Dhá mbeireadh madadh ort fadó, nó dhá bhfuileochadh sé chor ar bith ort, bhainfí ribe as an madadh agus leagfaí leis an ngearradh é / Ribe nó liobar fuilt as rioball an mhadaidh a leigheasfadh an dúchas / Dúchas 'sábhálaidh Dia sinn! Má tá sé le dúchas tá sé réidh. [Is fada th'éis an madadh fuiliú ar dhuine, go séideann an dúchas. B'fhéidir go mbeadh sé sé seachtainí nó ráithe nó tuilleadh. Isteach faoi do deallracán annsin slán an tsamhail a bhuailfeadh an phian thú, nó isteach in do gheolbhach. Thiocfadh scéin in do shúile, agus thosóchthá ag cur chubhair amach. Ó is gearr a mhairfeadh duine leis. Trí lá nó cheithre lá ar a fhad. Bheadh daol ort 'chuile phuinte agus meirbhthean in a dhiaidh. Ribe fíonnaigh as an madadh dúchais féin an t-aon-leigheas a bhí air. Deir siad nach mór do 'chuile shórt leigheas dhá chuid féin]/ Tá an madadh imighthe le dúchas / Tá sé seo amuigh in a mhadadh dúchais = le buile, ingealta, oibrighthe / Ba gheall le madadh dúchais é ag imeacht ag tóraidheacht Mh. go marbhuigheadh sé agus go n-itheadh sé é /

Bíonn sé sin in a mhadadh dúchais ag imeacht cho luath agus a
bhlaiseas sé d'aon-deoir phoitín. B'éigin a chur "soir" cheana
(: go dtí an gealtlann imBéal Átha na Sluaighthe.] / Bíonn
sé in a mhadadh dúchais indiaidh mná soir annseo ar na
bóithrí 'chuile oíche. /[Tá sé cho dona le madadh dúchais = duine, capall
nó rud ar bith imighthe i bhfiadhántas ceart / Tá an mac sin thiar aige
ina mhadadh dúchais tá sé cho fiadháin sin / D'eireochadh dhó. Seo í a
aimsir. An tráth seo 'bhliain igcomhnaí a theigheas na madraí le dúchas:
aimsir mharbhánta uaibhreach. Uair thoirnighe mar seo]/ Teigheann
beithidhigh le dúchas freisin. D'fheicfeá rud an-chosamhail leis ar na
capaill fós / Má chloiseann sé é sin gabhfaidh sé le dúchas. Mo
choinsias íosfaidh sé beo beithidheach é / Chreidim go raibh T. Sh. le
dúchas aríst oíche an aonaigh. Bhí sé anuas annseo ar fud an bhaile
ina stocaí. P. B. a bhí sé a thóraidheacht. Dhá bhfaghadh sé greim
air ba thruagh dhó! /[Tá dúchas nó diabhal eicínt
air ar an aimsir seo. Diabhal baoghal ar bith nach bhfuil, agus cho
fiadháin agus atá sé ag imeacht. An bhfaca tú an choinneal atá in
a dhá shúil? Níl sé ag déanamh comhnaí ar bith ach oiread]/
Tháinic cubhar len a bhéal, agus dhá bhfeictheá cho glórach agus a bhí
na súile aige. "Tá sé seo ag dul le dúchas" adeir J. Sh. Mh.
An bhfuil maistín ar bith is mó ná é /[Bhí sé imbéal an
tseoil romhainn, agus a sheaicéad buailte faoi'n mbóthar aige,
ag iarraidh fear ar bith dhá raibh ann amach ar "fair-play".
"Cé'n chaoi a bhfuil an ghealach" a deir B. Sh. Th." Diabhal mé gur
shíl mé nach sheo(d) é an t-am de bhliain a dteigheadh na
madraí le dúchas chor ar bith"]/ Ó h-eitigheadh é faoi'n mbean sin
níl samhail ar bith aige ag imeacht ach madadh dúchais. Is beag
obstaireacht a gheobhas sé anois, nuair a eireochas an ceann air. Tá
sé leath-eirighthe go leor mar atá sé / Bhí an sagart ag dul le dúchas
ar an altóir indiu, faoi chaint eicint a caitheadh faoi fhéin agus a
h-innsigheadh dó aríst. Ní fhaca mé cho bainte amach ariamh é agus a bhí
sé indiu / Diabhal mé go ngabhfaidh na Sasanaigh salacha sin le
{d}úchas mar bhfaghaidh siad corp Hitler. Ní shásóchadh tada iad ach
{a} thabhairt go Londain agus a chrochadh suas go mbeidís ag
{b}reathnú air, mar a rinneadh le corp Mussolini. /
{Ga}ol dáimhe na dúchais (fc. dáimh) /

Déin (: fī iə̃ɴ ʼt nó fī ɛ̄ɴ ʼt): is an leagan faoi dhéint = faoi chomhair;
i gcoinne; le castáil do … ; le h-aghaidh rud a fháil.

Gabh siar faoi dhéint Mháire = gabh go dtí an áit a bhfuil sí agus tabhair leat
abhaile í [cialluigheann sé sin go minic, ach ní bheadh call a dhul an
bealach ar fad scaithtí. Samhluightear go mbeadh an duine ag déan-
amh ort, agus go gcasfaí dó thú ar phuinte eicínt idir dhá ceann an
bhealaigh] / Ní dheachamuid faoi dhéint túirne ar bith = i gcoinne
túirne ar bith. /[B'fhearr dhuit a dhul tigh J. faoi dhéint ceap dom. /
Cuir an malrach sin soir faoi dhéint táirngí má's leat na bróga sin
a dheasú.]/ Scaoil faoin a dhéint é má tá sé sásta a dhul ann / Ná bac
thusa le dhul faoi dhéint na mbeitheadhach anocht. Gabhfaidh mé féin
ann /[B'fhearr dhuit a dhul siar faoi na déint. Casfaidh sí leat faoi
bhealach / Dhá mbeadh bicycle agam rachainn faoin a ndéint. Beidh
siad agam aniar, ach mara mbeidh féin, ní mórán stró orm a dhul
go teach]/ An ag teacht faoi mo dhéint a bhí tú? Ní mórán le go
mb'fhiú dhuit é. Bhí mé ionann agus 'sa mbaile de t'fhuireasbhaidh. Ach
tá mé buidheach dhuit mar sin féin. /[B'fhearr dhuit a dhul faoi
dhéint an pháipéar nuaidheacht' dom?]/ Nuair a chonnaic sé ag teacht í,
rith sé amach faoin a déint. Sin é an fear agad, atá mór len a bhean /

Dian (: d ʼīəɴ go rí annamh in amhráin agus scéalta = dian-: d ʼēn, d ʼēɴ go h-iondamhail)
Dian: aidiacht = (i) dian: ró-, fíor-, mór-, dubh-, (ii) déan;
cruadh, danra, dícheallach, fuinneamhail, uathbhásach, géar, gaimheamhail
[tá ciall a (ii) an-choitianta]

Agus níor phós sé a dhian-ghrádh in a dheidh sin = ró-ghrádh = an té a mbeadh
duine rí-mhór leis / Rinne sé dian-obair = obair an-mhór; saothar
cumasach /[Tá sé ro-dhéan air féin = oibrigheann sé ro-chruadh,
nó déanann sé éagcóir air féin / Obair sáthach déan ar 'chuile
chaoi í]/ Lá déan a bhí ann, deirimse leat = bhí obair chruadh orainn;
nó bhí an aimsir gaimheamhail nó go dona / Ní fhaca mé aon-duine
ariamh is déine a chuaidh dó (nó air) ná P. ag iarraidh air deoch a
ól, ach dheamhan ól in a dheidh sin / Chuaidh sé an-déan orm ag
iarraidh mé a thabhairt ann, ach dheamhan maith a bhí dhó a bheith

ag tuineadh liom / Ba déan an ráig í sin = trom / "An múirín gréine an múirín is déine" = ní bhíonn múr ar bith cho trom leis an fhad agus a mhaireas sé / Ba déan an chioth chlocha sneachta í sin / Ba déan an dá lá iad an dá lá seo caithte / Tá sé ro-dhéan ar fhir oibre. 'Ar ndú' ní fhanfadh fear ar bith aige /[Tá an poitín ro-dhéan ar an mbolg. Ní ól ar bith é = cruadh, éagcórach / Tá siubhal mar sin ro-dhéan ar na cosa, th'éis a bheith ag scaradh móna ar feadh an lae / Cheapfainn go mbeadh an prionda mion sin an-déan ar na súile. Dhá gcaithinnse leath-uair in a éadan, ní fhágfadh sé spré agam]/ Tá an bheatha sin ro-dhéan ar bhó ionlaoigh / Ná bí ro-dhéan ar na puthachaí a mháistir. Diabhal neart aca air mara bhféadann siad an rud a thógáil /[Tá an sáirsint seo an-déan ar na tighthe ósta adeir siad / Níl an giúistís sin déan ar dhuine ar bith ach ar lucht cneamhaireacht', agus diabhal blas de'n cheart nach bhfuil aige leo sin / Sílim go bhfuil an sagart óg an-déan ar lucht damhsa, ach caithfidh aos óg siamsa eicínt a bheith aca / Tá an gála seo dubh-dhéan ar an arbhar. Scuirfidh sé uiliog é / Bhí an sioc an-déan ar na fataí imbliana. Níl barrann ag gabhail linn aige / Tá an bháisteach an-déan ar fhuinneogaí de'n tsórt sin = caitheann sé sciobtha iad / Tá an sean-bhóithrín sin síos an-déan ar "tyreannaí" (: rothair) / Tá na clocha an-déan ar na carrannaí. Sníomhann siad uiliog iad]/ Deir siad go bhfuil an gleáradh sin an-déan ar na cluig: nach seasann siad achar ar bith leis / Ní madadh maith é: tá sé ro-dhéan = ionnsuigheann sé na beithidhigh nó na caoirigh ro-ghéar, ro-oilbhéasach / Th'éis gur ag maor a bhí sé, níl múinte 'e rath dhó. Ná bac le madadh ar bith a bhéas ro-dhéan. B'fhearr dhuit uait é / Ba cheart na h-eangachaí sin a stopadh ar fad. Tá siad ro-dhéan. Nach dtóig-eann siad sin stuifíní agus a bhfuil ann. Feicfidh tú an cuan bán-uighthe aca gan achar ar bith / Tá sé déan ar an ól = trom, tug-tharach do'n ól / Chuaidh an dlí sin sáthach déan air. Marach a raibh de charaideacha aige, bhí a chosa nighte = fhobair go gcaithfí nó go gcionntóchaí é /

Aguisín: [Tuilleadh faoi fhocla a cuireadh isteach cheana. Focla ar céad leitir dhíob D].

Dligh, dlite, dlíochtáil. (fc. dligh, dligheachtáil).
[Tá an fhuaim d ʼ l ʼ it ʼ ə = d tosaigh san bhfocal seo timpeall Leitir Mucú, Camus, agus áiteachaí tímpeall na Ceathramhan Rua, agus eile].

Tá sé dlite amuigh (ɡ ʼ l ʼ it ʼ ə) = an bháisteach; is fadó nach raibh aon-deóir bháistí anois againn / Ní bheadh iontas ar bith orm dhá dtugadh sé scathamh den droch-aimsir uaidh anois. Bhí sí dlite amuigh / Bhí dlíochtáil (ɡ ʼ līx dāl ʼ) air, agus ní raibh sé indon freastal dóib = fiacha / Níl dlíochtáil ag aonduine ort, agus cén bheann atá agad ar aonduine mar sin faoi do chuid féin / Níl dlíochtáil ar bith ar an séipéal sin thiar anois. Tá 'chuile leithphínn ruadh dhá raibh air íoctha /

Diúl (fc. diúl).
Sin laogh diúil, (banbh diúil etc) = miolgaire ar bith a bheadh ag diúl a mháthar / Is geall le laogh diúil thú, an chaoi a bhfuil tú ag brughadh isteach liom / Fágadh in a laogh diúil é i gcomhnaí. Níor choisc siad é, mar bhí neart bainne aca d'uireasa na bó sin /[Tá na fiacla diúil aige fós = na fiacla a bhíos ag míolgaire ar bith thar éis a bhreithe. Cuireann sé drad eile amach leis an aimsir / Ní féidir go bhfuil na fiacla diúil aige fós. Is aisteach é sin / D'fhéadfá a bheith ag diúl a mailí bhí sí cho socair sin = capall nach mbeadh aon-chor innte / Do dhúshlán teirigh ag diúl a mailí sin! Tá sí dubh-oilbhéasach / Fuair siad cho socair é agus gur fhobair go ndeachaidh siad ag diúl a mhailí /

dreólán (fc. dreólán)
Is geáll leis an dreolán teasbaigh thú = duine mall roighin siléigeach / Níl samhail ar bith faoin domhain aige ach an dreólán teasbaigh / Go gcuire mac dílis Dé an t-ádh ort agus ná bí do do mheath fhéin leis an dreólán bradach sin /

déag (fc. déag)

Dhíol sé sna déaga de lorries mhóna = níos mó ná deich gcinn /
Chaill sé sna déaga de scilleachaí leis / Thug sé sna déaga de phunta air
ar chaoi ar bith / Cheannaigh sí na déaga de bhuláin ar an aonach inniu.

Dúin (fc. dúin)
Bhí taobh amháin den bhrocach sean-dúinte, ach bhí talltúchán ag an
taobh eile = í dúinte le fada; ní le goirid a dúineadh an béal sin di.

dalba (fc. dalba)
Thug sí aghaidh air go dalba feargach = go fraochmhar feargach / D'ionnsaigh
sé mé go dalba taghdach, ach níor thug mé toradh ar bith air, pé aca sin é /

deóir (fc. deóir).
Tá sé ag caoineadh agus gan deóir ón a ghruaidh = in ainm agus a bheith ag caoineadh; ach
gan é a bheith ag caoineadh dháiríre / Níl gortú ar bith air sin. Is beag dhá
chuid cluanaíocht é. Nach bhfeiceann tú ag caoineadh é agus gan deóir ón a
ghruaidh / Má theighimse in t'éadan beidh scéal agad air. Tiúrfaidh mise
ábhar caointe duit feicfidh tú féin air. Ní ag caoineadh a bhéas tú agus gan
deóir ó do ghruaidh mar tá tú anois. /

deara (fc. deara)
Dá mbeadh aon-tabhairt faoi deara ionnad féin thuigfeá é cho maith liomsa
= dhá mbeitheá meabhrach; dhá mbeadh aon-mheabhair ionnad /[Nach beag an
tabhairt faoi deara atá ionnad, marar thug tú an méid sin faoi deara /
Níl tabhairt faoi deara ar bith ionnad. Nach raibh sé as comhair do dhá
shúil. Shoraidh dhíot! /
ach dheamhan é]/ Sin é an buachaill a bhfuil an tabhairt faoi deara ann.
Tá sé indon 'chuile dhuine a chóiriú ar chaoi ar bith. Ach thiocfadh dhó. Tá dhá
shúilín cho friochanta aige! / Is beag an tabhairt faoi deara atá ionnad,
mara bhfaca tú an meall atá faoin a ghiall. Is furasta aithne é /

díocas (fc. díocas).
Chuaigh sé ar a dhíocas dhá dhéanamh = ar a mhine ghéire / Breá nach ndeachaidh

tú ar do dhíocas leis. Nach bhfuil a fhios agad nach ndéanfá mar sin é / Tuige nachar chuir tú tuilleadh díocais san gcic? = tuige nachar tharraing tú ní bfhearr í / Níor chuir tú do dhóthain díocais san mbuille. Sin é a chlis ort / Tá ruibh ar an diabhal sin. Mara mbeadh sé ach ag déanamh spraoi fhéin leat, is mian leis díocas a chur san dorna. Dhonódh sé an-éascaidh thú, an diabhal / Is beag eile díocais a chuirfeá san iarraidh nuair a d'fhágfá réidh é. Tá réiteach maith air mar atá sé = tá sé leath-mharbh / Bhí sé ag déanamh a dhíocais = ag déanamh a dhichill (ag troid) / Is beag an mhaith dhuit a bheith dhá mhaoidheachtáil. Tá sé ag déanamh a dhíocais mar atá sé. / Rinne sé a dhíocas orm ach ba gheárr le dhul é / Chuir mise taobh na bpoll as a chionn gan mórán stró /

dóigh (fc. dóigh)
"Chuaigh an scéal cho mór san dóigh air agus go mb'éigin dó imeacht" [tá an sompla seo san gcnuasach faoi "dhóigh" agus somplaí mar é. B'fhéidir go dtuigfí as sin gur dó is fuaim dō agus an chiall seo leis, ach ní h-eadh ach dōə jə fearacht agus dá mbá dó-i-dhi é ach nach bhfuil an i lár báire ro-bharainneach] /[B'olc an dóigh (dó) déarfá a bheith in a h-aice = níorbh áit mhaith é; áit é a bhfuightheá ocras san gcás áirid atá igceist / B'olc an dóigh a dhul amach anocht dhá bhféadadh duine fanacht istigh / Is olc an dóigh araoid ar bith a chur air sin. Tá sé andaibhciúil]/ Níor thairg sé tada uirre, mar nach bhfuair sé an dóigh (dó). D'iarr mise chúig phunt agus dá fhichead = níor fhéad sé tada a thairiscint ar an gcapall. D'iarr mise an iomarca le go bhféadfadh duine ar bith tada a thairiscint dom [dóigh = deis, seans, leigean agus rl.] /

dúrlinn (fc. dúrlinn]
Tugtar freisin é ar ghiodán a bheadh clocach ar thaobh abhann nó ar chuid de ghrinneal na h-abhann istigh le bruach nuair a thriomaíos sí roint san samhradh.

Bhí an bradán istigh ar dhúrlinn na h-abhann / Bhí siad in a suí síos ar dhúrlinn na h-abhann, iad cosnochttha agus na buinn amuigh san uisce aca / Rugthas glan-eascartha thoir ar dhúrlinn na h-abhann air agus an chamóig aige in éadan na mbradáin. Ní raibh aon-cheann aige sílim

ach is cuma sin. Gabhfaidh sé daor air agus breith air an gcamóig aige /

Dreach (fc. dreach).
Bhí dreach air (: adhmad) mar atá ar an simléar sin anois. Shílfeá idtosach gur dóite a bheadh sé, ach níorbh ea = snua, cosúlacht / An bhfeiceann tú an dreach atá ar an mballa arís th'éis a ghoirdeacht ó a cuireadh aol air. Tá an simléar sin ag puthaíl igcomhnaí agus beidh tá faitíos orm /

dóirt, dórtadh (: fc. dóirt, dórtadh)
Bím ag dórtadh allais anois ar nós na báistí, maran lagar é = ag taomadh allais; na báithtí allais liom / Tá tú ag dórtadh allais bail ó Dhia ort. Agus tá saothar ionnad. Céard a bhí tú a dhéanamh? /[Lá an-bhróllach (: brothallach) a bhí ann agus bhí mé ag dórtadh allais. Ní raibh luach an phionta fhéin agam. "Iarrfaidh mé 'trust' ar Sh. J." arsa mise liom féin. 'Ar ndú' bhí agam fios a bheith agam nach dtiúrfadh an ceann céanna aon-deóir do dhia shúlach gan a luach a shíneadh amach ar an gcúntar i dtosach aige]/

Díol (fc. díol.)
Diabhal a fhios agam an bhfuair sé aon-díol ariamh air = díolaíocht, íocaíocht. Sin é a thug an díol air J. F. = íde, liobairt, droch-dhíol cainnte / Tug-ann sé an díol ar gach a gcasann leis /[Siúd é atá indon an díol a thabhairt ar dhuine. Fainicíodh 'chuile dhuine a theanga, mar go deimhin, níl sí ar fónamh / Tá sé in am a gcur 'un díolta feasta = a gcur dhá ndíol ar an aonach nó ar an margadh / Tá sé thar am na bainbh sin a chur 'un díolta, tá sin]/ Bhí an-mhéid sna "turkeys" shul ar cuireadh 'un díolta iad / Ní bhfuighidh tú aon-díol ar an móin sin = ní cheannóidh duine ar bith uait í /

díoltachán (fc. díolachán).
Níl aon-mhóin díoltacháin innte (: cruach) = níl aon-mhóin innte atá sách maith 'un díolta, nó a cheannódh aonduine / Tá clúid mhór fhataí annsin amuigh ach níl aon-fhataí díoltacháin ionnta. Tá go leor aca glas / Tá sé ag díoltachán san teachín siúd anois, le scathamh = díolachán /

deoch (fc. deoch
Deoch! Deoch! Deoch! = mar sin a ghlaoitear ar mhuca nó ar bhainbh 'un bídh /

Dúchas (fc. dúchas)

Ní raibh aon-imní air ar uair a bháis ach nach dtiúrfaí abhaile é agus nach gcuirfí san sean-teampall seo thíos san áit a bhfuil a mhuinntir uilig curtha. Féacha féin anois go leanann báidh dúchas, mar adeir siad / Bíodh a fhios agadsa gur paiteanta a bhíos an Ghaeilge go minic ag cuid den dream seo a fholaimíos í, ná ag an té a bhfuil sé indán agus i ndúchas dó í a bheith aige = an té ar dual dó í; an té a mbíonn sí aige ó bhruinn [cuirtear indán agus indúchas le chéile mar seo go minic] /[Tá sé indán agus indúchas d'fhear Chonamara i gcomhnaí achrann a tharraint áit ar bith dhá mbeidh sé / Slóchtaí é. Tá an cheird sin indán agus indúchas dó. Ar an róstadh agus ar an scólladh sin a tóigeadh an scéiméara sin / Tá chuile dhuine aca sin cuidiúil. Bhí sé indán agus indúchas dóib a bheith amhlaidh. Dheamhan duine is bunáití ná a n-athair le fáil / Tá sé an-doréara agus má tá féin, sin é an rud a bhí indán agus indúchas dó. A athair fhéin an fhad agus a mhair sé, bhíodh "peelers" tarraingithe ar an oileán aige chuile lá san aer]/
Tá sé indán agus indúchas do mhuintir an h-áite seo a bheith oilte ar an bhfairrge. Nach ar an bhfairrge atá a ngreim? Deile riu /

Deis (fc. deis)

An bhfeiceann tú an deis atá air ag imeacht ag ruathrúch (laogh) = caoi / Fear nach bhfuil a fhios aige cén deis a bhfuil sé, cén chaoi a bhféadfaidh sé fataí a chur = an deiseall nó tuaifeall é /[Níl a fhios aige cén deis ar chóir don láidhe a bheith (: deiseall nó tuaif -eall). Nach deacair a bheith ag iarraidh maitheasa air sin! / Buail é ó atá sé ar do dheis = ó tá deis, seans nó leigean agad air]/
Tá an dola air, ach tá an deis air freisin (: feiliméara an Achréidh) = caitheann sé a dhul faoi chostas idtaobh a chuid talúna; tá cíos agus rátaí troma air agus rl. ach tá deis airgid aige freisin /

Deachma (fc. deachma)

Tá deachma na sláinte air = tá míshláinte ag dul dó; tá sé roint as a shláinte; tá an tsláinte leathchaillte aige / Ná bac liomsa!
Tá deachma na sláinte orm. Is beag an dochar dom agus a bhfuair mé de

strachailleacht le cupla bliain / Is beag an fhoghail atá Páidín bocht indon a dhéanamh feasta choichín i ngarraí ar bith. Tá deachma na sláinte ar an duine bocht. / Muise níl mé ach réasúnta slán an té a fhiafraíos. Ag crochadóireacht liom ar éigin. Tá deachma na sláinte orm ó fuair mé an ruaig mhór an t-am seo anuiridh. Diabhal a bhfuil ar fónamh dhíom ó shoin /[Ó a thiocfas deachma na sláinte ar dhuine tá a chuid maitheasa ar iarraidh. Sin é a fhearacht agamsa anois é. Caithfidh siad cúis a dhéan-amh dem uireasa. Ach tá neart aca fhéin ann anois go leige Dia slán na daoine]// Níor chuir sí an deachma ariamh ar cáirde = theagadh an t-áirleacan ag gáirí chuici igcomhnaí; ní raibh sí ariamh gan díol a freastail a bheith aice; dá dteagadh glaoch airgid ar bith uirre, bheadh sí indon freastal dó ar an toirt /[Tá a fhios agamsa nachar iarr tú fhéin ná do mhuinntir punt ná scilling ar aonduine ariamh. Ní raibh aon-chall daoib leis. Muise diabhal ar chuir mise fhéin an deachma ariamh ar cáirde ach oiread, ná cuid dhá chur / Bhí fuíoll na bhfuíoll aca i gcomhnaí. Níor chuir siad an deachma ariamh ar cáirde go dtí an saol seo féin, ach níl san mbuachaill óg seo atá san mbaile anois ach cúl le rath. Is cuma leis é ach ól agus ceól agus ragairne / Ní raibh aon-teallach istigh air an mbaile seo nachar chuir an deachma ariamh ar cáirde ach iad féin. Bhí tarraint a láimhe go maith ariamh aca. Má bhí féin ba mhaith an aghaidh sin orra, mar níor ghann ná níor ghortach faoi iad / 'Ar ndú bail ó Dhia ort, agus an tslí atá agad, níor ceart go mbeadh aon-chall duit an deachma a chur ar cáirde, ní hé sin do dhaoine dona mar mo leithide-sa é. Ach chreidim go bhfuil dola mór ort mar sin féin. Ní fhéadfaidh tusa a theacht le fataí tura mar a fhéad-fas muide]/ Is diabhlaí aibéil a tháinig siad sin anuas san saol! Dar príosta chonnaic mise iad muis, agus ní chuirfidís an deachma ar cáirde, ach bíonn a lá féin ag chuile dhuine. Agus sin é an deis a bhfuil siad anois: sirriam ag teacht orra. Is fiú do chuile dhuine an buachaill sin a choinneál ón a dhoras muis, má fhéadann a chumhachta chor ar bith é //

Níor tháinig an ceann sin amach. Fágfamuid ag an deachma é = uibheachaí a bheadh faoi chirc agus dá dteagadh éanachaí asta uiliog go dtí an ceann, déarfaí go bhfágfaí an ceann sin ag an deachma [fc. na somplaí eile faoi "deachma"] /

Deachmaíocht = ainm-bhriathar; ainm-fhocal buineann as "deachma". Deachmaíocht = dul amú; bhásta, diomallú aimsire agus saothair; gan t'fhátall a bheith baol air ionchurtha len ar fríodh d'anró uaidh; gan an tairbhe a bheith baol air cho mór leis an trioblóid; ceann posta nach mbeadh an teacht isteach uaidh cho maith len a thaidhbhse, de bharr dola nó costais eicínt eile nar mhór a chur amach leis.

[Fuair sé airgead mór ar an áit sin a dhéanamh. Is airgead mór é len a mheas mar sin, ach cár fhága tú an deachmaíocht in a dheidh sin. Tá sé réidh go leór cheithre mhíle punt a rá, ach ní bhfuighidh sé leithphínn dhe sin go mbeidh an chloch spideóige thuas aige, agus gan fháil an uair sin fhéin ach a leath. Ní bhfuighidh sé an chuid eile nó go bpasálfaidh na "h-engineers" é, agus b'fhéidir gur fada é sin. Dar brí an leabhair bhí costas freisin air]/ Ní chreidfinn ón saol go mbíonn mórán de bharr an phoitín th'éis a dhaoireacht agus atá sé. Ara tá an iomarca deachmaíocht' air. Feacha a n-óltar ag "stillhousachaí", agus a n-óltar sna títhe nuair a theigheas daoine dhá iarraidh. Imíonn a leath go fánach /[Ba shamhaoiní do dhuine fuirtheacht in a chodladh ná a dhul amach ag iascach. An lá a n-eireóidh aon-ghlaicín leat fhéin, tá chuile dhuine istigh ar an mbaile ag tnuthán le cupla breac uait, agus mara dtugaidh tú dóibh iad, is droch-dhuine thú. Tá an iomarca deachmaíocht ann nuair a bhíos baile taobh le iascaire amháin]/ Níl rud ar bith a bhfuil an oiread deachmaíocht ann leis an móin in a dheidh sin. 'Bhfeiceann tú a dteigheann amú dhi dhá cruachadh? Cár fhága tú an líonadh ar an lorry annsin agus an falú aríst, agus aithlíonadh agus b'fhéidir an tríomhadh líonadh. Bíonn sí mionnuithe go maith ach a mbíonn sí imBaile Átha Cliath ar chaoi ar bith / Níl deachmaíocht ar bith an t-arúr a bhualadh leis an "engine". Ní ghabhfaidh oiread agus an gráinne fhéin dó amú / Is diabhlaí an pháighe atá dhó, marach a bhfuil de dheachmaíocht ann. An té atá ag traibhiléaracht mar sin igcomhnaí, caitheann sé an domhnaíocht airgid, mar bíonn daoine ag castáil dó is chuile áit /[Bíonn deachmaíocht mhór in áit ar bith a gcaithfidh cuid de mhuintir an tighe a gcuid béilíochaí a cheannacht amuigh cheal a bheith indon a thiacht abhaile chuca /

Doscúch (fc. doscúch)

Bhí an chuid eile de mhuirín an-doscúch len a gcur ag an scoil = ba deacair a gcur ag an scoil; ní raibh aon-luighe aca léithe.

Diaidh (: fc. diaidh).

Seod (: seo) briseadh uaire ceart. Tá sí (an ghaoth) imithe síos indiaidh a tóna aríst = bhí sí ó thuaidh agus chuaidh sí ó dheas. Sén t-údar indiaidh a tóna gurbh ó dheas a bhí sí an chéad-uair sul a ndeachaidh sí ó thuaidh. Nuair a bhí sí ó thuaidh annsin, bhí a tóin mar a bheadh sí ó dheas / Tá an ghaoth chéanna an-luainneach. Nuair a bhéas sí thiar diabhal mé nach mbeidh sí achar ar bith nó go dteighidh sí soir indiaidh a tóna aríst ar ais = thoir a bheadh sí an chéaduair /[Bhí lom gaoithe adtuaidh ann ag an trí a chlog ar maidin, ach ba ghearr go ndeachaidh sí indiaidh a tóna ó dheas / Cuirigidh isteach í indiaidh a deireadh (curach) = a deireadh a chur 'un tíre idtosach / Níor fhéad muid a cur 'un tíre ach indiaidh a deireadh / Cuirigidh in a dhiaidh sib fhéin anois = dúirt sé cupla líne d'amhrán agus d'iarr sé ar an gcomhlódar an chuid eile a rá ón áit ar eirigh sé féin as]/ Cuir in a dhiaidh sin anois thú fhéin má tá tú indon /

dálaí: ainm-fhocal = gálaí = srathannaí airgid [deirtear dálaí scaithtí in áit gálaí ach is cosúil gur "gálaí" é ó cheart. fc. gála]

Shílfeá mara mbeadh len íoc aige ach dálaí beaga mar sin go n-íocfadh sé iad = suimeannaí beaga airgid ó am go h-am [rinne g i "gálaí" d, agus b'fhéidir gur chuidigh an focal dola leis an athrú fc. dola]

damhséar [fc. daimhséar, dainséar]

Bíonn an fhuaim dəiv ʼšɛ̄r air scaithtí, ach is minicí dəiɴšɛ̄r

Dola (fc. dol, dola, dolaidheacht)

Sin é anois an dola leitreachaí a fuair tú inniu. Tiocfaidh dola eile anois amáireach ó dhuine eicínt eile chugad = glac / Dhá n-eiríodh sí de na h-éanachaí bhéarfadh sí dola eile uibheachaí (: cearc) = líne

nó sraith eile / Chuaigh sí síos tigh T. K. inGaillimh agus thóig sí dola uaidh nachar íoc sí ariamh = lastas earraí a fháil ar cáirde; aon-lá amháin nó d'aon-iarraidh amháin a rinneadh an margadh agus fríodh na h-earraí.

Dol = ainm-fhocal, buineann, geiniúnach uathaidh: dola. uimhir iolraidh: dolannaí.
Dol = snaidhm nó ceangal a chuirtear ar rópa, ar shúgán nó a leithide.
Ní móide go mbeadh snaidhm áirid ar bith air, ach rópa nó súgán a chur timpeall ar rópa nó ar shúgán eile. (dol)

Cuir dol den téad sin ar an gcloich = í a chasadh uair amháin timpeall na cloiche / Ní dhéanfaidh dol amháin thú. B'fhéidir go scaoilfeadh sé. Cuir dhá dhul nó trí air / Nuair a bhéas tú ag deasú tighe ní fuláir dol de na caghnaí a chur ar na ceathrúnaí i gcomhnaí. Ní dheasaíonn siad na tithe mar sin agaibhse chor ar bith. Sin é an bealach atá aca annseo muis /[Cuir dol den cheann téide sin ar an gcloich sin thuas ar an gcala. Daingnigh thairis sin í a fhleascaigh! An síleann tú gur asal atá san mbád! Ní chorródh asal b'fhéidir, ach corróidh an bád / Cuir timpeall faoi dhó san dol í! Sin é é! Fáisc go maith í = cuir dhá thimpeall uirre / Cuir dhá dhol den rópa tosaigh sin ar an stuaicín, agus fáisc an "chruib" (mhóna) go maith faoin a druim. Ní móide go mbeadh aon-chall dom a fáisceadh aríst nó go dteighinn Gaillimh / Cheal nach bhfuil do dhóthain rúóige (ruadhóige) agad le dul tímpeall faoi dhó san dol air. Mara bhfuil muise beidh sé ro-lag; agus dheamhan fad méire eile faoi chaolachaí an tighe]/ Fáisc dhá dhol nó trí uirre nó is gearr go mbeidh sí ar bogadh aríst. Is gearr a choinneós an dol amháin í /

dul (fc. dul).

Nuair a bhíodh páistí ag dul di, bhíodh sí an-dona í = í ag tabhairt pháistí ar an saol; tinneas cloinne uirre nó í ag iompar chloinne / 'Ar ndú' ní féidir gur clann atá ag dul di aríst. Is geárr ó cheanaí a bhí sí ar an suip. Mo ghrá é Develera agus a chuid leath-chrónachaí! / Tá sé ag dul ag an dó = ag tarraint ar an dó a

chlog / Nuair a theigheas sí ar bheagán (toitíní) ní thairgíonn sí d'aon-
dhuine iad = nuair a bhíos a lastas toitíní ídithe go dtí beagán ní
thugann sí d'aonduine iad / Nuair a theagadh anbhá air theigheadh sé
ar Bhéarla annsin amanntaí = d'athraíodh sé ón Ghaeilge go dtí
an Béarla /[Chuaigh sé ar Bhéarla liom ar an bpuinnte / Is fada a
bheadh an aimsir seo ag tarraint shul a ghabhfadh sé 'un breáchte
/ Cáil an píosa le dhul agad? = cáil an t-aistir atá rómhat; cén
áit ar an mbróig a bhfuil píosa le cur / Cén áit ar do bhríste
a bhfuil an píosa le dhul? Ní ar an bpoll seo é / Ag binn an
tighe atá an stráca le dhul, an eadh? / Cheithre h-uaire a chuaigh sé
di agus ní raibh sí déanta in a dheidh sin = táilliúr ag iarraidh
bháscóta a dhéanamh mar is ceart / Chuaigh sí di an darna h-uair,
ach chinn air a bhaint amach / Teirigh di aríst, agus b'fhéidir go
dtiúrfá leat í = duine ag iarraidh cloiche a tharraint / Ba
ghearr le dhul ar an mbád sin tonna balasta / Bhí an t-airgead
sin ag dul dó. Marach go raibh ghoidfí uaidh é agus cho sleamchúiseach
agus a d'fhága sé é = bhí sé indán dó go mbeadh sé aige / Ní dheachaidh
S. Ph. Mh. le T. má bhí gaol féin aige leis = ní raibh siad ar aon-cháilíocht /
Chuaigh ionnta ó cuireadh san uisce iad = tháinic fad ar na bróga sin ó
cuireadh ar bogadh iad]/ Shíl sé go ndeachaidh ionnta, ach is cosúil nach
ndeachaidh in a dheidh sin. Aon-fhad amháin igcomhnaí iad / Má cuireann
tú ar bogadh é rachaidh ann = tiocfaidh fad air / Chuaidh sna stocaí sin go
mór ó a baineadh a n-úradh / Cheannaigh mé cóitín beag i siopa in Gaillimh.
Ba é mo dhíol ceart é. Bhuail mé baslach air faoi cheann míosa, agus
chuaigh ann agus sceith sé cho mór, agus go ndéanfadh sé beirt mar mé /
"Chuaigh h-ochtar agus seacht gcéad de mhaoil ar an gceasach" [as sean-scéal]
[Ní dheachaidh de mhaolóig ar an locht móna ach dhá ualach / Chuaigh trí
troithe d'airde ar an mballa sin ó a chonnaic tú cheana é = cuireadh]/
Tá sé "ag dul ann" léithe = Béarlagar ar shuirghe = tá sé ag suirghe léithe,
nó in éindigh léithe anois [thúsaigh an leagan seo go fánach timpeall
Rosmuc nó ceanntar na n-Oileán ó chúig bhliana déag go dtí scór
bliain ó shoin, ach tá sé coitianta cho fada le Gaillimh soir anois] / Ní "dheachaidh
tú ann" léithe? / Pádraic! Tá sé "ag dul ann"! D'eile! / Chonnaic mé "ag dul
ann" le inín Sh. Mh. é thiar ar an mbóthar aréir / Tá saol maith agadsa

"ag dul ann" gach oíche / Fuair tú amach an té a bheadh "ag dul ann" muis.
Dhá mbeadh mil orra — rud nach bhfuil — ní ghabhfadh sé sin "ann" le aon-
bhean // B'fhearr duit a dhul agus é a dhéanamh / Breá nach dteigheann tú agus a dhul
ann as láimh / Cheal nach rachthá agus díon a chur ar an gcró sin amuigh,
shul a dtuitfidh sé]// Níl dul ar bith ar an "mbattery". Rud eicínt eile atá
air = níl locht nó marach ar bith ar an "mbattery" (dol: dol). [
Árainn] / Ní raibh dul ar bith orainn, th'éis gur chaith muid an oíche ar
neamh-chodladh, agus nach raibh aon-ghreim ithte againn ó d'fhága muid seo =
mairg, clóic / Níl dul ar bith ar na maidí rámha. Ort fhéin atá sé
nach bhfuil indon iomra = níl locht ar bith ar na maidí
rámha /[Ní bheadh dul ar bith orainn dhá bhfaghadh muid deoch phórtair,
ach bhí muid in ar dtroscadh ó d'fhága muid an t-oileán seo ar
maidin go moch, agus bhí tart agus ocras orainn idteannta a chéile /
Dheamhan dul ar bith a bheadh orm anois, dhá mbeadh dhá bhlogam tae
ólta agam / Dheamhan dul ar bith a bheadh orainn ar na h-oileáin seo
marach an mhóin, ach bíonn muid in anchaoi dá fuireasa sin scaithtí.
Is maith an chuid don mhuinntir amach í ar an saol seo. Tá
brabach aca orra … Naoi bpunt atá ar lucht móna annseo, agus diabhal
mé gur gearr le dhul lucht / Ní raibh dul ar bith orainn nó gur rug
muid anoir ar an mbrachlainn atá annsin thoir san sunda. Thug sí sinn
rud le déanamh dhuinn. Cuireadh ar ar miotal ceart críochnuithe muid.
Bhí fairrgí ann an lá sin. Shíl mé dheamhan ar tír a thiocfadh muid go deó /
Níl dul ar bith ar mhuinntir Árann Mhór, mar teigheann an "steamer"
isteach ar an gcéibh aca. Ná ar mhuinntir Inis Saor ach an oiread. Tá an
fhairrge tíre deas cineálta ann, agus féadann sí (: an "steamer") a dhul ar
ancoire. Ach bíonn laethanta san ngeimhreadh, agus ní bheadh aon-ghoir aice
an t-oileán seo a thaobhachtáil beag ná mór. Bíonn an sunda sin thoir
bainte ó íochtar]/ Níl dul ar bith ar na beithigh againn. Bíonn an-chruth
igcomhnaí orra. Marach an strachailleacht atá len a gcur ar an mbád
ag Ceann Gainimh, bheadh rud dhá mbárr annseo. // Ná bac le bó ar bith
a ghabhfas ó eirghe in a seasamh. Bó réidh í = bó nach raibh indon fanacht
ina seasamh / Shílfeá go bhfuil tú ag dul ó eirghe in do sheasamh mara neart
leadaíocht' atá ort / Luigh siad (muca) ar an mbóthar orm agus chuaigh
siad ó eirghe in a seasamh. Ní rabh a fhios agam ó Dhia céard a dhéanfainn

leo, nó go dtáinig P. leis an gcárr / Tá mé ag dul ó shiúl = ní fhéadaim siúl / Tá sé ag dul ó ithe a chodach = é ag cinnt air a ithe / Ní féidir gur ag dul ó ól an phórtair atá tú. Dar fiadh muise, tá athrú eicínt ag teacht ar an saol / Chuaigh sí ó bhreith cloinne an-aibéil air = ní raibh aice ach cupla páiste /[Tá an laogh sin ag dul ó dhéanamh a cuid uisce = níl sé ag déanamh a uisce anois, nó is beag é / Chuaigh sé ó imirt na gcártaí ar fad = d'eirigh sé asta / Cá'id ó a chuaigh sé ó chaitheamh na gcloch? = cá'id ó a leig sé de chaitheamh na gcloch / Chuaigh sé ó bheith dhá bhearradh féin = duine; laogh a bheadh ag cangailt a dhriobaill / Nach maith sciobtha a chuaigh sé ó chaitheamh an tsneachta in a dheidh sin = chuaigh sé ar chlaochmú = d'eirigh sé as an sneachta]/ Bhí an gamhain ag dul ó shiúl orm = bhí sé ag luighe nó bhí sé ag cínnt orm aon-tsiúl a bhaint as / Chuaigh na daoine ar na bailteachaí seo ar fad ó thógáil caorach = ní thóigeann siad caoirigh anois / [gníomhra cuirp a bhíos i gceist "le dhul ó". Malrait "a dhul ar" é go minic .i. chuaigh sé ar chaitheamh na gcloch; chuaigh sé ó chaitheamh na gcloch] / Tá sé ag dul ar fheabhas = tá sé ag dul 'un feabhais /

Tá dul amú mór ort má ghníonn (má cheapann agus rl.) thú é sin = mearúl /[Chuir sé artha an dul-amú ceart duit (fc. artha) / Tá artha an dul-amú aige sin = duine a bheadh indon dallach dubh a chur ar dhaoine eile, a gcur dhá dtreóir, a mealladh, cluain a chur ar chailíní agus rl.]/ Tá a chuid féin ag dul don dul amú (: don deachma = caithfidh an dul amú a chuid féin a fháil (fc. deachma) = there is bound to be a certain amount of waste, (unfruitful expenditure, bad debts etc.) in every undertaking / Bíonn an dul amú féin ann, mar adeir an ceann eile /

Dé dheireadh (fc. dé)

Tá sé ar an dé deireadh = ar na preaba deireannacha /

Damh (: fc. damh)

Cuir Gaeilge air: "an ox ate a raw egg in Heaven" (: "d'ith damh ubh amh ar neamh". Níl ann ach cineál tomhaise a cumadh ar maith le na fuaimeannaí is cosúil. An té nach mbíonn sé aige comhairtear go mbíonn sé ar bheagán Gaeilge, nó nach bhfuil an "chruadh-Ghaeilge" aige).

Dealaigh (: fc. dealuigh)

Dealuigh uaim! = glan leat uaim! / Dealaíodh iad = beirt a bhí ag troid; cuireadh ó chéile iad / Mara ndealaithear iad, gortóidh siad a chéile. Teigheadh muid eatorra. Is mór an ní iad a fheiceál mar sin /

dúrachtach (fc. dúracht, dúrachtach).

Tá sé siúd cho dúrachtach do Develera agus a bheitheá do do bhéilí = dílis dó nó cho luighteach leis / Mara bhfuil lá dúrachtach oibre déanta ag an gceánn seo thíos ó mhaidin castar leis é = lá dicheallach /

dílis (fc. dílis).

Chruinnigh mise an méid sin (: airgid) go dílis agus feacha an bhail atá ag dul anois air = chaith mé dúracht leis dhá bhailiú / Níl cianóg ruadh den airgead sin nachar chruinnigh sí go dílis, ag tabhairt chrácamais di féin moch agus deireannach. M'anam nach ingan fhios dhá cnámha atá sé aice, nach hea sin / "An rud a chruinnigh tú agus a bhailigh tú go dílis, ní fheicfidh tú choíchin é; An rud a thiúrfas tú uait sé a chífear tú, mar níl ach scáile i mbláth an tsaoil" [Sean-fhocal: níl buan ach an grá diadha a dhéanfas tú]

dual (fc. dual)

An rópa dlaoiníní a chuirfeá ar chocaí féir ní iarrfá a fhíochán chor ar bith. Dhéanfadh dual amháin thú. Bheadh níos mó ná dual ann da mba call a fhíochan (fc. dlaoi, dlaoiníní).

deifir (fc. deifir).

Is maith an deifir a rinne sí — bail ó Dhia uirre — agus í a dháir in aois a ráithe = bó.

dé ná deatach: (fc. dé, deatach)
Ní fhaca mé ó shoin dé ná deatach air = ní fhaca mé amharc air ó shoin. / Níl dé ná deatach air ar an saol seo hébrí cá'il sé sáithte. Bí siúráilte nach bhfuil sé ag dul amú ar chaoi ar bith / Ní féidir dé ná deatach a fheiceál uirre le seachtain marar bhailigh sí léithe arís. Thiocfadh di. /

dall (fc. dall, dalladh agus rl.)
Cuirfidh mé dhá shlat go leith chuige agus ní bhfuighidh tú an oiread agus a dhall -fadh do shúil as indiaidh treabhsar agus bheist = déanfaidh an méid éadaigh atá mé a chur ag an táilliúr treabhsar agus bheist ach ní bheidh caochadh do shúil d'fhuílleach ann /[Ní thiúrfadh sé an oiread duit agus a dhallfadh do shúil dhá mbeadh do chailleadh go deó leis. Gortachán críochnuithe é / Níl an oiread coirce ar thóin an chómhra seo anois agus a dhállfadh do shúil hébrí céard a rinne sib leis. Ach rinne sib plaicín ghabhair dhó (: dhe) ar chuma ar bith / Tobac! An oiread agus a dhallfadh do shúil níl agam. Tá orm féin troisceadh go maidin mara dtuga an duine gnaoidhiúil seo thíos aon-phíopa dhom]/ Níl an oiread agus a dhallfadh do shúil de phlúr san teach mara dteighe duine eicínt in a coinne. /

Dochar (fc. dochar).
Tá dochar eicínt roimhe thuas atá dhá chuir anuas = simléar a bhí ag cur anuas na deataí; tá bacainn roimhe, nó rud uireasach eicínt ar an simléar /

Dorú (fc. dorúgha)
An bhfuil aon-dorú talúna thíos agad = dorú le talamh a leagan amach, len a chur le iomrachaí agus mar sin. Bíonn cupla dul dhe ar dhá chipín a bhíos ag a dhá cheann. Cuirtear an dá chipín san talamh ag dhá cheann na h-iomaire agus déantar an dorú a ríochan eatorra. An uair nach mbíonn leas dhá bhaint as bíonn sé tochraiste ar an dá chipín sin.

Díochúis (fc. díochúis, díchúis)

Ní maith liom díochúis ar bith a dhéanamh ar aon-duine ar an mbaile thar a chéile, agus sin é anois an roint is dírí a fhéadaimse a thabhairt air = dochar; oirille; gan an méid is fiú é a chur in omós gach rud / Is cuma san diabhal cén chaoi a ndeárnadh é, ach rinneadh díochúis ormsa. Is furast aithinte é d'Fheara Fáil / Ní ort ab fhearr liom díochúis a dhéanamh dhá bhféadainn, ach má leigim leat, déarfaidh seisean gur le fabhar duitse nach dtiocfainn anuas ort cho maith le duine. Níor mhaith liom a thabhairt le rá dhó go bhfuighidh sé le léamh é / Ná bac le ceann ar bith atá ag iarraidh díochúise a dhéanamh ar a chomharsa go h-acht agus go h-áirid mar sin. Tá agad é a sheachaint. Ní bheidh Dia ná duine buíoch dhó. Is beag an baol. /

Dlús (: fc. dlúthas).

Tá rún agam dlús a chur le cuid mhaith den rud sin fhéin a dhéanamh amach annseo. Beidh mé ag stócáil, agus ag cur na leacrachaí sin soir ar an mbealach i leabaidh a chéile. Is mór an úais iad annsin /

dias: dornán (fc. dias, déas, dornán)

Cuid den déis an dornán = bíonn déasacha i ndornáin. Ní bheadh dornáin ann dhá bhfuireasbhaidh; mara mbeidh an déas ar fónamh, ní bheidh an dornán ar fónamh; mara dtugaidh tú áird ar na rudaí fánacha beidh do shaothar in a iomlán lochtach [sean-fhocal].

Druim (: fc. druim)

'Ar ndú ní le druim a tharraingeós sib í? = dar ndóigh ní le (nó ar) 'ur ndromanna a tharraingeós sib an mhóin / Bhí siad ag déanamh bois ar druim = cluiche gasúr (fc. bos) / Sé moladh na mná óige an druim a bheith fliuch aice = má bhíonn druim mná óige fliuch is cruthú é sin gur deá oibrí í; fágann sin go mbíonn sí ag tarraint fheamainne nó a leithide, agus amuigh faoi fhliuchán /[Sin í an cailín agad nach bhfuil aon-tolgán aice cléibhín feamainne a chur aníos ar bruach. Sé moladh ná mná óige an druim a bheith fliuch aice, adeir siad]/ Níl aon-drugall aice sin roimh an

gcliabh. Bean dícheallach í. Ach 'ar ndú, sé moladh na mná óige an druim a bheith fliuch aice, adeir siad / Tá sé ráite a mh'anam: sé moladh na mná óige an druim a bheith fliuch aice. Dar príosta muise, is beag aca atá molta anois mar sin, mar is duine sé nó seachráin aca a bhfuil a ndruim fliuch. Ní thiúrfaidh siad an tsiocair dhóib féin]/ Tá druim ronnach san spéir = tá breacadh an ronnaigh san spéir = tá spéir dhruim an ronnaigh ann = "mackerel sky" /

Dia (fc. Dia)

D'fhreagair Dia air é = d'agraigh Dia air é / Oíche breá í moladh le Dia / Moladh go deó le Dia go bhfuil muid ar fad abuil a chéile anocht — oíche chinn bhliana /[Tá sé mar a chonnaic Dia é — gan rath gan rathamhnas = tá sé dólom; tá sé gan aon-dul chun cinn / Bhí sé ag báisteach mar is toil le Dia = ag báisteach go griodánta / "Dia dhá réiteach i bhfad ó bhaile: i bhfad ó Bhríd agus i bhfad ón leaba" (fc. Dia dhá réiteach)]/ 'Choimrí Dé, Mhic Dara agus Mhic Duach thú" = le duine ag dul ar aistir nó a leithide, curachaí ag dul 'un fairrge etc. / Go leige Dia mór do shaol agus do shlainte dhuit! = ag glacadh buíochais / Go gcuire Mac Dílis Dé an t-ádh ort agus leig dom! = dhá mbeadh duine de do chiapadh nó a leithide / Dia ann = go mbeannaí Dia annseo = beannú ar a dhul isteach idteach /

Dor (fc. druid) = ainm-fhocal = faice, tada; aon-cheó; an smid féin; a dhath ariamh

Níor dhúirt sé dor annsin / Dheamhan an dor féin adéarfas sé leatsa ná a leigfeas an faitíos dó a rá = ní abróidh sé "druid" leat. /

dlúth (fc. dlúth)

Ní bhíonn siad sin ach i gcoillte dlútha = coillte a mbeadh na crainnte buailte ar a chéile ionnta / Níl an choill sin sách dlúth le dhul amú innte / Tá crígheannaí siar annsin atá sách dlúth deirimse leat é /

diolusc (fc. diliosc)

Fuaim d'iləsg air in Árainn.

duiniúil: aidiacht as duine (fc. duine):

duiniúil = mar a bheadh duine; gan a bheith coimhigheach ná dúnárasach, ná cho leitheadach agus nach bhféadfaí labhairt leis; fáilí, tíriúil; teanntásach; cuidiúil.

Tá sí lách duiniúil ar aon-nós. Maidir leis an dream eile sin a bhíos ag dul thart annsin ní bheadh a fhios ag duine céard adéarfadh sé leo / Ara tá siad deas duiniúil shoir agaibhse ní dálta na slóchtaithe é. Ní bheadh a fhios agad cén puinnte a dtiúrfadh an slóchtaí sáth scine dhuit. Feacha P. Nach bhfuil an t-aibheirseóir ag rinnce san dá shúilín siúd atá aige! /[Bí deas duiniúil cuidiúil le na daoine agus ní baol duit. M' anam nach baol! / Bhí M. D. an-duiniúil. Ní fhaca tú aon-duine ariamh de strainséara ba ghleóite ná é. Ní iarrfadh sé go deó ach ag imirt chártaí. Mara mbeadh comlán aige rithfeadh sé amach ar fud an bhaile dhá dtóraíocht / Dhá mbeadh sé sách duiniúil bheadh gnaoi air thar mar atá. Ach tá sé ro-choimhigheach. Ní mórán le go mbeannódh sé dhuit anois len a chastáil ort / Ní bheadh sé in araíocht ag duine bleid chainte a bhualadh air sin, mar níl sé sách duiniúil. Is beag an baol air / Th'éis cho h-árd agus atá sé i bposta, diabhal mé go bhfuil sé go duiniúil agus go gleóite in a dheidh sin. D'fhéadfá a dhul ag seanchas leis mar a dhéanfá le duine den bhaile. Níl cóirí catha ar bith aige. Dheamhan a shúil.]/

Dícheallach (fc. dícheallach).
Tá sé an-dícheallach agus a dhul ag an damhsa = energetic. /

Deasú (fc. deasú)
Ní mór don teach sin deasú go goirid = brat tuí a chur air, mar a déantar in áiteachaí é (Rosmuc, Árainn agus rl.) le caghnaí agus ceathrúnaí. Ní mar sin a dhéantar in áiteachaí eile é, mar ní theigheann brat ar na tithe ach in éadan 'chaon deich mbliana nó mar sin /[Cuirtear deasú orra 'chuile bhliain: na tithe a mbíonn na caghnaí agus na ceathrúnaí orra. Ní fuláir a ndeasú amach faoi Shamhain i gcóir an gheimhridh / Nuair a bhíos an teach deasuithe, bíonn sé mar a bheadh mogaill lín ann / Tuí sheagail is mó a chuirtear de dheasú ar an tithe annseo. Buailtear thíos ar na h-uláin sin thíos í, agus deasaíonn muid na tithe léithe annsin. Níl de chailleadh uirre … Tá an tuí chruithneacht an-gháifeach]/

An bhfuil aon-rath leat ag deasú tighe. Teann aníos annseo go bhfeiceam-
uid an bhfuil / Chuaigh deasú ar an teach sin anuiridh, agus is géar a theastódh
deasú eile uaidh anois mar sin fhéin. Má fhágann tú bliain ar bith
gan deasú iad, teigheann siad i léig. Caithfidh tú caghnaí a chur treasna
agus na ceathrúnaí anuas faoin a mhullach /[Dheasaigh mé an cró sin
thiar le glaicín thuí choirce an bhliain cheana, ach ní raibh buaineadas
ar bith innte. Is fhearr an tuí a sheagail go mór, ach gan
leigean di críonadh sul a mbaintear í. Tá sé in acar le in am a
dhul ag deasú anois muis / Ní dheasaíonn sibse na tithe cho minic agus a
dheasaíos muide iad. Ach níl aon-chrúóig agaibhse leis. Tithe ceann
slinne is mó atá amach an taobh se'agaibh-se anois. Siad is fhearr
sógh freisin. Chuirfeadh na sean-tithe ceann tuí seo thar bharr do
chéille tú dhá ndeasú chuile bhliain beó]/

Dúán (fc. dubhán)
Bíonn dúán tarrainte agaibh nach mbíonn = dúán nó camóg
le cur san mbreac agus len a thabhairt ar bord nuair a bhíos sé
buailte ar an dúán agus é imbarr an uisce agad (fc.
líon tarrainte freisin).

Domhnach (fc. Domhnach)
Beidh rath an Domhnaigh ar an obair sin = obair ar bith a ghnítear
Dé Domhnaigh, ní bhíonn an t-ádh in a diaidh / Bíonn sé ag obair
chuile Dhomhnach agus tá rath an Domhnaigh air freisin. Níl greim aige le
cur in a bhéal. I gcruthamhnas duit gur dona an rud gan an
Domhnach a leigean thart dhá mbeadh na seacht sraith ar an iomaire /

Doigh Bhríde (: dəi): tobar beannuithe i gCondae an Chláir a dteigheann
muintir Árann ar turas ann Lá Fhéile Muire Mór (15adh Lúnasa).
Caitheann siad an oíche ag an tobar. Tá sé suas in aice le sráid na
Cathrach.

Deártan (fc. deártan)
Tá fuacht agus deártan ann = droch-aimsir chaillte. / Bíonn sé igcomh-

-naí amuigh faoi fhuacht agus faoi dheártan /

Dúbhach (fc. dubhach)
Sén áit a mb'fhearr dhuit speal a bheadh ro-reamhar a chur: i bport
-ach dúbhaí (dūhī). Chuirfeadh sin meirg uirre, agus thanódh sé í. Dhá
mbeadh mianach dubhaí ná salachar iarainn ann, bheadh sé go maith.
Tá an portach sin thuas againne tofa anois. Tá dúbhach ann. Is
furast aithinte í.

Dreas (fc. dreas)
"Seachain an dreas ort fhéin", adéarfá. Sin iad na scrathachaí
sin a eiríos den iarann agus thú dhá bhualadh (: ó ghabha).

Diabhal (fc. diabhal agus rl.)
Cén diabhal eile atá aige (: de thalamh) ach a bhfuil tímpeall an tighe! /
M'anamsa ón diabhal muise go n-íocfaidh tú ann! / Go scalmharaí
an diabhal thú le cleas a dhéanamh = duine a scalmharú = scail
theintrí dhá mharú / Go scoilte an diabhal thú, maran deas a gheobh
-thá airgead uaimse! / Go roise an diabhal é, le rud a rá! /

déan (fc. déan agus rl.)
Ní bhíonn sé drochmhúinte liomsa hébrí céard a dhéanfas sé le (bheith
drochmhúinte le) duine ar bith eile = thiocfadh dhó a bheith drochmhúinte
le daoine eile, ach ní bhíonn sé drochmhúinte liomsa /
Ní chaithfidh sé aon-bháisteach anocht hébrí céard a dhéanfas sé len
a caitheamh amáireach /[Hébrí céard a dhéanfadh sí le bheith amuigh san
ló níor ceart a fágáil amuigh san oíche go h-áirid / Níl aon-
deich scilleacha agam, hébrí céard a dhéanfas mé le coróin a bheith
agam / Níor dhúirt mé gur tusa a ghoid é, hébrí céard a dhéanfainn le
rá go raibh tú ann len a línn / Ní cheannóidh mé aon-chapall ar chaoi
ar bith hé brí céard a dhéanfas mé le bromach (: a cheannacht) = b'fhéidir go
gceannóinn bromach / Níl díol tighe de chlocha annsin agad hébrí céard a
dhéanfas siad len a chur stór amháin]/ Níl mo dhóthain tobac ann
amáireach hébrí céard a dhéanfas sé le mo dhóthain a bheith ann anocht /

Níl sé aon-dá scór hébrí céard a dhéanfas sé le bheith deich mbliana fichead / Níor shiúil tú aon-dá mhíle hébrí céard a rinne tú le míle a shiúl. Ach tá sé cruadh aige a bheith míle féin / Ní ghabhfadh sí aon-scór hébrí céard a dhéanfadh sí le dhul ocht bpunta dhéag / Ní leagfainn láimh ar Ph. hébrí céard a dhéanfainn le T. a bhualadh / Is beag an baol atá air a bheith cho láidir leatsa hébrí céard a dhéanfas sé le bheith cho láidir le M. // Hébrí cén chaoi a bhfuil sé (cóta mór), déanfaidh sé mise /[Tá siad go dona, ach déanfaidh siad muide, arsa tusa / Is cuma linne cén sórt Gaeilge atá aige. Déanfaidh sí muide ar aon-chor / Rinne sé scéala air = d'fhuagair sé é; rinne sé spiadóireacht air / Rinne sé roghain uirre = thogh sé an rud sin thar na rudaí eile; ba í sin an bhean a bhí sé ag iarraidh a phósadh / Rinne sé doininn (gála, fuaraíocht, agus rl.) anois le coicís = ba mhór an lear doininne a bhí ann le coicís / Rinne sé báisteach aréir! = rinne sé go leór di / Rinne a putógaí meall = chruadhaigh siad suas / Rinne an cur sin thuas bruimfhéar = d'fhás bruimfhéar ann as éadan]/ Tá salachar déanta ag an ngort sin thiar (: gort fataí) = tá sop nó luibheannaí ann a chaithfear a ghortghlanadh as // Déan maith de do ghealladh = déan maith de do chuid cainte = an rud a gheall tú déan é / Gabh síos ann agus déan do ghealladh fíor = coimhlíon do ghealladh / Rinne sé a gheálltamas fíor in a dheidh sin / Déan do gheálltanas fíor do do dheárthair // Is beag (beag) a bheadh le déanamh agad, a dhul dhá tabhairt sin dó /[Nach beag beag atá le déanamh agad, ag tarraint figiúirí san luaith / Nach beag beag a bhí le déanamh aice a dhul suas annsin, marab í atá conórach againn! / Déarfá gur beag a bhí le déanamh aige sin!]/ Is beag a bheadh le déanamh agad a dhul ag cur isteach fhéir dóib sin. Tá neart liúistí (: leóistí) aca féin ann len a chur isteach // Déan ar t'aghaidh = teirigh an bealach a bhfuil t'aghaidh ann / Déan ar t'aghaidh isteach / An mbeidh sé indon é a dhéanamh siar = an t-aistear a chur dhe / Rinne sé soir le cóir é (: bádóir ar an bhfairrge) Déanfaidh tú suas go seólta ar an ngaoith seo é (: fear róthair) / Rinne mé siar go C. in imeacht leat-uaire é // D'fhiafraígh sé cén casán a ndéanfadh go dtí an áit a raibh an poitín = cén casán a ngabhfadh sé / An ndéanfaidh mé é le dhul amach an sliabh? = aistear, bealach / Meastú an

bhfuil tú indon do bhealach a dhéanamh ann / Is deacair bealach a dhéanamh thrí na driseachaí siúd / Dhéanfainn eolas in áit ar bith i Londain anois = gheobhfainn mo bhealach ann / Rinne sé eolas dom go dtí an áit = threóraigh sé ann mé = thug sé eólas an bhealaigh dhom, nó theasbáin sé dhom cá ngabhfainn / Déanfaidh duine ar bith eolas duit ann / "Cuir do shrón romhat agus déanfaidh sí eolas" / Dhá ndéanthá anonn treasna annsin thiocfá amach ar bhóthar an Rí // Ní dhéanfainn ar aonduine gan eolas maith a bheith agam air = ní dhéanfainn teanntás air / Is deacair leis déanamh ar dhuine /[Mara bhfuil gabhail na gaoithe ann tá déanamh na ngnaithí ann / Croí dhuit! Déanfaidh tú fós é = duine a stopfadh in amhrán; duine nach mbeadh amhrán nó obair eicínt ag teacht leis, ach a bheadh ag neartú ar a mhaidí in a dhiaidh sin len a déanamh / Dia leat! Déanfaidh tú fós é! / Déanfaidh tú fós é (: leagfaidh tú fós é) ach ná leig dó cor coise a chur ionnad, a fhleascaigh!]/ Le scéal fada a dhéanamh goirid (gairid), bhuail mé é // Déan ann = déan an rud atá tú a rá; déan sin anois / Tá tú ag rá go ngabhfaidh tú igcoinne leithphionta. Déan ann! = teirigh / Tá fonn ort síneadh ar an leabaidh! Déan ann! / Más maith leat a theacht ar cuairt soir againne an Domhnach seo chugainn déan ann. 'Dar a shon nach dtiocfá / Má cheapann tú go bhfuil agad a bhualadh, déan ann. An té a thiúrfas cúnamh dhuit, ní i bhfad uait atá sé / … Go dtiúrfá geábh siar cho fada le J. an eadh? Siúráilte. Déan ann. Tuige nach dtiúrfá! Cén buairín barrtha atá ort / Ní raibh aon-chall maoidheachtála dhó, ná "déan ann" a rá leis. Rinne sé féin é gan frapa gan taca. Ní raibh aon-ugach ag teastáil uaidh san am ar bhuail sé isteach ar na polláirí é /[… Déan ann a stór! Cé feárr duit áit dhá gcaithfidh tú stiall den lá ná ag siamsa. An bhfuil aon-rath ag damhsa ort? / Ní raibh le déanamh leis ach fuil a chroí a chur ar a chac, an bithiúnach bradach / Ní raibh le déanamh léithe ach a caitheamh amach ar fad / Ní raibh le déanamh leis go díreach glan ach é a dhathú in a chuid fola / 'Sé a raibh le déanamh léithe sin cead a thabhairt di a dhul a chodladh in a troscadh nuair nach bhfuil aon-mheas aice ar an rud a leagtar chuice / Is maith a ghníos sé a bheith ag cúirtéaracht, ó atá a dheis aige = tá an ceart aige agus rl. / Is maith a ghníos tú a gcur amach. Má thaithíonn siad san áit sin do cheann finne ní choinneóidh as ar

ball iad // Ní bhainfeadh an diabhal a béal di. Níl a béal déanta (capall) = capall nach n-imeódh leis an mbéalmhaigh. Ní ghabhfadh sí ar chaon taobh go réidh. Ní bheadh sí géilliúnach don chinnire nuair a chuirfeadh sé stró ar an mbéalmhaigh ar thaobh eicínt. Níor mhian léithe a dhul an taobh a mbeadh an cinnire ag iarraidh a tabhairt, leis an tarraint a bhéarfadh sé don bhéalmhaigh / Chuile uair dhá mbíonn sé ag iarraidh í a tharraint isteach i leathtaoib caithfidh sé a theacht anuas den charr, mar níl a béal déanta chor ar bith /[Ní mór dhaoib a bheith ar an gceird sin léithe muis: duine i ngreim sna h-adhastair, agus duine agán a ceann, nó go mbeidh a béal déanta. Bobarún de chapall í, sea sin. / Cheal nach bhfuil a béal déanta fós agus an fhad agus atá sib léithe. Ná bacaighidh léithe mar sin! Ní bheidh sásamh ná séanadh agaibh go brách uirre faoi charr. Nach hí an staiceallach capaill í! / Níl a dhath coimhighis ná meargántachta innte, ach nach bhfuil a béal déan-ta fós, ach shílfeá go mbeadh sé in am sin aige feasta más leis a bheith déanta go brách / Dhá mbeitheá ag iarraidh a tabhairt ó thuaidh, bheadh sé cho maith dhuit an leathtaob ó dheas (den adhastar) a ríochan leis an leathtaobh ó thuaidh, mar níl a béal déanta ach an oiread leis an gcéad lá ar cuireadh an bhéalmhach in a béal]/ Dhá mbeadh a béal déanta ní dhá sníomh féin mar sin a bheadh sí le chuile chor dhá mbaineann sé as na h-adhastair. Giorróidh sí sin léithe féin lá eicínt. I leabaidh a dhul isteach leis an móinín bán 'séard a dhéanfas sí siúl amach faoi lorry agus í féin a bhascadh // Fanadh sé annsin anois san ngarraí sin nó go mbeidh a chosa déanta go maith ann! = asal bradach a cuibhríodh i ngarraí = níl san gcainnt seo ach fonóid ar mhodh, mar séard a chiallaíos sí: nó go mbeidh sé indon siúl ar a chosa; nó go mbeidh a dhóthain teanntáis aige ar a chosa le siúl orra; nó go mbeidh a chosa sách urrúnta le siúl orra /[Tá a chosa déanta aige (páiste, laogh nó miolgaire ar bith) = nuair a bhíos taithighe ar shiúl aige; nuair a bhíos a chosa sách spreacúil len a gcur faoi agus siúl orra / Bíonn bliain ar pháiste shul má bhéas a chosa déanta aige. Ach ní bhíonn ar rud ar bith eile ach uair a chluig / Is diabhlaí nach bhfuil aon-tsiúl ag an laogh sin fós. Shílfeá nach mbeadh an fhad sin air go mbeadh na cosa déanta aige. Ní cheal muis nach bhfuil sé ag ól bhainne é. Ólann sé taoscán an bhuicéid dhá cheann de ló]/ Nach beag an mhoill a bhíos

orra in a dheidh sin nó go mbíonn na cosa déanta aca, théis cho lag agus a bhíos siad. Chonnaic mé uainín meirbh a bhí againn annseo an bhliain cheana, agus ní raibh siad déanta aige go ceann coicíse, ach má sea ba donacht a bhí dhá dhéanamh air. Ní raibh lúd ar bith ionnta go ceann fada / Ar chuala tú faoin gcailligh siúd a h-iompraíodh go dtí an roillig. Ba gearr go raibh na cosa déanta aice, nuair a theann an faitíos léithe. Deir siad é: nuair is crua don chailligh caithfidh sí rith /[Shílfeá théis a bheith in a luighe gan cor ná car san bplástar sin (óthar eitinne) ar feadh dhá bhliain go mba mhaith an scathamh go mbeadh a cosa déanta arís aice, agus bíodh arann fhéin ionnta. Ach deir siad go raibh siúl aice an lá ar baineadh as an bplástar í. Moladh go deó le Dia, is mór a bhíos ag cuid de na daoine le dhul thríd]/ Tá an sean-fhaoilleán ag múineadh "flyála" don fhaoilleán óg. An bhfeiceann tú é. Níl a sciatháin déanta ag an gceánn óg fós // Siúd cruacha sean-déanta. Is furasta aithinte orra é, agus an chaoi a bhfuil siad tuithte ar a chéile = cruacha móna atá déanta le fad / Tithe sean-déanta iad sin, agus ní fheicfidh tú aon-fhraighfhliuchas ionnta, ní hé sin de na tithe nua-dhéanta é. Dheamhan ceó a cuireadh ag déanamh na dtithe nua sin ariamh ach sean-cheirteachaí agus fóide móna, agus scamall beag muirtéil taobh amuigh orra le dallach dubh a chur ar na daoine /

déantús (fc. déantús, deanta)
Níl aon-déantús maitheasa ann (dʼīɴtəs) (Spidéal) / Togha fear oibre a bhí ann ach ní raibh aon-déantas (dʼīɴtəs) maitheasa ann in a ghnatha féin = ní raibh aon-mhaith ann san obair a bhí sé a dhéanamh; ní raibh aon-ghus na aon-dul chun cínn ann len a chuid cúrsaí féin; ní raibh sé barainneach / Déantas na fírinne leat níl a fhios agam cé adúirt é = (de) déanta na fírinne (Spidéal) /[Déantas na fírinne níor leag mise súil ar an bhfear ariamh agus níl a fhios agam cén sórt srón atá air — leisce na bréige — ach léar (: de réir) mar chloisim an dream seo a chonnaic é ag rá]/

Dris: [fc. dris]
"Dhá dteightheá amach faoi dhris chasáin in do chraiceann in ainm an deamhain agus an diabhail bheadh buannaíocht agad ag imirt chártaí. Trí Aoine a dhul faoi dhris shul d'eireódh grian. A dhul trí h-uaire fúithe agus gan tangachtáil

léithe, in ainm an deamhain agus an diabhail, bheitheá díolta leis an diabhal" [m'athair] / Tá tú in do dhris chasáin = duine cantalach, drisíneach; amhlóir de dhuine /

Daoithiúil (fc. daoitheamhail)
Is beag duine a chonnaic mé cho daoithiúil le T. Sh. an mhaidin ar cailleadh í seo go ndéanaidh Dia grásta uirre. Chuaigh mé síos gur chuir mé in a shuí é go bhfaghainn braon fuisce len a leagan amach. Ní raibh cúntanás ar bith ann dhá bhfaca tú in aonduine ariamh, mara faoin a chur in a shuí é, nó eile. Tá a shliocht air: níor thaobhaigh mise ó shoin é, ná ní thaobhód más fada gearr a bhéas mé ar an saol /

Dallán (: duʟān) [Fc. dollán, dallán].
Dallán = hymen, maidenhead; cuach /
Ar chuala tú céard adúirt sé? Níl fios a labhartha aige ar chuma ar bith. Nó is aige atá sé ach nach bhfuil aon-chuíbhiúlacht ann. "Bhris mé an dallán innte leis an gcéad-shacadh den chleith chábáin" adúirt sé. Anois a bhfuil biseach agad? Is mór adéarfá le Gaillimh agus gan ann ach baile beag! / Réabadh an dallán cheana aice, fainic! / Gheobhaidh sí na físeachaí agus na pinneachaí corra faoin dallán anocht! / Bhí bean as C. annsin thoir san gcúirt agus í ag mionnú ar fhear. Ceist eicínt a chur an giúistís uirre: "go deimhin a dhuine chóir" adeir sí, "tá sé sin cho glan orm leis an sagart. Ní dheachaidh a shlat ní ba ghoire don dallán agam ná a chuaigh do shlatsa, bail ó Dhia ort." Spréach an giúistís. Fhobair gur b'ise a chuirfí isteach agus ní hé an té a chionntaigh léithe /

Deannóid (fc. deannóid, dionnóid); dinnín
[Fuaim (: gʼiɴōdʼ). Is cosúil gurb sheo é an focal deannóid a dtug-tar donóid (: dunóid) air freisin. Ach tá an fhuaim an-choit-ianta freisin] Dísbeagadh air dinnín (: gʼiɴʼīnʼ).

Níor fhága tú gionnóid ann. Breathnaigh ar an sáiltéar anois! = níor fhága tú a dhath ariamh ann. Tá sé falamh ar fad (: sáiltear a n-ídeóchaí an salann ar fad ann) / Níl gionnóid shóidí faoi chaolachaí an tighe. Caithfidh duine eicínt a dhul dhá choinne más lib arán a

fhuint / Móin! Níl an ghionnóid ann! Ba deacair di agus an chaor theine atá thíos annsin ó mhaidin. Shílfeá gur ag dul ag róstadh mairt a bhí sib / Níl gionnóid eile aráin san teach anois ach an canda sin, bain fad nó gearr as. D'imigh siad ag bóthaireóireacht ar maidin, agus níorbh fhiú leó cupla cáca a bhruith / Níl gionnóid ar an bPáirc Thoir anois ach í cho creínnte le croí do bhoise. Ach is beag an dochar di sin agus na caoirigh innte le leath-ráithe = níl foinín féir innte /[Ní bheidh gionnóid ar na garrantaí sin amuigh ag asail T. Sh. mara mbiorraí sib na claidheachaí. Nach ionnta istigh atá siad chuile ré solais / Mise a dhul ag baint charraigín. Níl an ghionnóid ag gabhail liom. Ná bac len a bhfuil de charraigín ar mo roinn-sa anois. Tá sé cúlta ar fad / Níl ginnín (: dinnín, deinnín) féar tirm aice anois nach bhfuil ídithe, agus cóisir bheitheach annsiúd aice agus a gcnámha thrín a gcraiceann, agus dubhluachair na bliana amach rómpa. Nach uirre a bhí an smál an lá ar cheannaigh sí iad / Tá an dá gharraí sin thuas coisnithe agam le mí agus níl ginnín thrí thalamh ionnta fós, th'éis cho cóiriúil agus atá an aimsir ag fás. Ach níl aon-mhaith a gcosaint gan múirín nó braitín eicínt a chur orra. Tá an talamh sin ar fad tugtha]/ B'álainn an lá ar an bhfairrge é. Ní raibh ginnín as aer. Ba dona a chruthaigh muid nach ndeachaidh amach / Bhí mé i gcruth mo phlúchadh istigh annsin. Ní raibh ginnín aeir ann. Níorbh fhuláir na fuinneógaí uiliog a bheith oscailte ar uair bhróltach (: brothallach) den tsórt seo / Caithfidh na bádóirí casadh aríst. Tá sé in a chalm chríochnuithe orra. Níl ginnín ann. Nach diabhlaí a chuir siad amach chor ar bith, a leithide de lá / Ní raibh ginnín dhá anáil aige th'éis siúl ón gcladach. Tá sé siúd séidthe ar fad. Cheapfainn go bhfuil donacht eicínt ag dul dó agus é a bheith mar siúd /

Driúillíní (fc. driúillín)

Tá driúillíní allais leis = braonachaí beaga / Bhí sé faoi dhriúillíní allais ar fad / Ní raibh agam ach driúillíní buinní = gan a bheith ag tiacht ach súile / Chuaigh mé fiche uair ag scaoileadh cnaipe ó mhaidin

agus gan mé ag déanamh ach driúillíní in a dheidh sin. Is mise an "jug" mór fada agus an bainne i bhfad siar ar chaoi ar bith inniu /

Dán [fc. dán-indán]
Sílim féin nach bhfuil "indán" chor ar bith ann ach toilíocht = ghníonn an duine rudaí dhá thoildeona féin, ach ní bhíonn sé i gcinniúint dó a ndéanamh (fc. freisin dúchas aguisín) /

daingean, daingniú (fc. daingean agus rl.
Is aisteach í an tóirneach. Tugann sí athrú: aimsir bhriste nó aimsir dhaingnithe = dhá mbeadh an uair go breá í ag fanacht go breá / Tá an aimsir daingnithe anois = fanfaidh sí go breá má tá sí go breá, nó a mhalrait / Tá siad daingnithe 'un troda anois = bainte amach chun troda; beidh siad scathamh ag troid len a chéile /[Déarfainn go bhfuil an oíche anocht daingnithe chun seaca. Is furasta aithinte é / Tá an sneachta seo daingnithe anocht = seasfaidh sé scathamh / Bhí sé ag daingniú chun drochmhúin -eadh = bhí a chuid droch-mhúineadh ag neartú, bhí sé ag dul chun feirge nó chun uilc. / Ná leig don tslaghdán sin daingniú istigh ionnad, nó beidh moill ort shul a chuirfeas tú as do chrioslaí é]/ Ó a dhaingneós droch-ghalra mar sin in do chnámha, is obair a chur asta. Chaith casacht shlaghdáin ráithe fada in a lionnán (: leannán) agamsa anuiridh. /

deárnachaí: [fc. dearna]
Bhí "bath" [soitheach folctha] ann agus sén chaoi a dteighinn ar mo dheárnachaí innte gan síneadh ar chúl mo chinn chor ar bith /
Sílim gur geárr go gcaithfidh mé a dhul ar mo dheárnachaí = tá mo chuid arúir in alt a bhainte nó indáil leis /

Doineann [fc. doineann]
Le gaoith agus le doininn uainn féin agus ón ar muintir thú = sin é adéarfá nuair a d'fheicfeá fiach dubh, nó dhá gcloisteá ag screadach é / Ná raibh an séan ort! Le gaoith agus le doininn uainn

féin agus ón ar muintir thú gan dochar gan díobhail duinne / An bhfeiceann tú an fiach dubh? Le gaoith agus le doininn uainn féin agus ón ar muintir thú, agus ná raibh aon-cheo dhár gcuid sinne in do bhéal / Bhí cupla fiach dubh annsin thuas inniu agus iad ag screadach cho h-árd agus a bhí in a gceann. Le gaoith agus le doininn uainne iad, ar chaoi ar bith. Ní eallach maith iad sin ag taithiú in acar linn. Is olc rud a bheith ar a leabhar ag an bhfiach dubh. /

Deireadh: [fc. deireadh]
Tá deireadh an bracha teagtha as anois = níl níos mó bracha ann. / Tús Aoine nó deireadh Sathairn, níor thriomaigh siad ariamh dhá dteagaidís fliuch = deirtear seo / Ní deireadh di (báisteach) = níl aon-deireadh indán di; beidh sé ag báisteach go deó anois /

Deir (fc. deir)
Déarfaidís freisin go bhfuil leigheas san bhflith = deir siad = deirtear / Déarfaidís go raibh sé ann / Dhá mbá é an Seóigeach a bheadh ag caint déarfainn fear maith leis, ach an scráibín-each sin = déarfainn go mba fear maith é / Déarfainn fear maith le P. se'agaibhse, ach ná bac le fear ar bith eile ar an mbaile = thiúrfainn fear maith ar Ph. = ceapaim gur fear maith é /

dorchú (fc. dorcha, dorchú)
Nuair a bheadh an t-éadach indáil le bheith bruithte san dath, chaithtí braon beag máistir síos air le go ndorchódh sé an dath (dathúchán). /

Domhnall (fc. Domhnall)
Domhnall dubh: ainm eile a thugas daoine ar na bhfiach dubh.

doraera (: doréara. doréra: dubhréara?: dubhriara?) = aidiacht = dorrda : dúr; olc; feargach; daoithiúil; madarúil; francuithe; dúnárasach; cantalach.

Tá cuid de na daoine sin amach an-doréara. Níl cúntanás ar bith ionnta / M'anam muise gur duine an-doréara é M. Mara mbeidh gnaoi thar cionn aige ort, dheamhan mórán sásamh a thiúrfas sé uaidh. / Baile an-doréara é sin len a dhul isteach ann. Níl istigh ar a fhuaid ach sclamh-airí bradacha. Ní bheadh a fhios agad cén puinnte a dtosódh duine aca ag cangailt do chuid cluas /[Bhí intinn mhór aca agus bhí siad an-doréara go deó. Beannacht Dé dhuit! Ní bhíodh comharsanacht ar bith sna bólaí sin roimhe seo ach chlaon siad roinnt le goirid. Is cosúil nach bhfuil an aos óg atá eirithe suas ann anois co h-amscaí agus a bhí an tsean-mhuintir. Ní feárr dóib fhéin a bheith. / Is maith doréara an buachaill é sin i mbéal maidne mara mbeidh a bhricfasta in a mhiainis (: fhiainis) ar an mbord ar an dá luath agus a n-eireóidh sé den leabaidh. Deirimse leatsa gur suarach an éadáil é sin, ná ceánn ar bith eile a bhfuil a intinn aige / Cén chiall duit a bheith cho doréara sin as coinne strainséaraí. Is deas an cháil a thiúrfas siad ort arís: go raibh tú ag sclamhaireacht ar fud an tighe agus ag géaraíocht ar t'athair agus ar do mháthair. Breá san tubaiste nach mbeadh foighid agad thairis sin]/ Ní milleán ar bith air a bheith doréara agus an bhail a cuireadh soir annsin le cupla lá air. Is íontas nach ndeachaidh sé ingealta ar fad. Fhobair do na buachaillí báire sin soir a dhul ag diúl air, th'éis é a bhánú /

Dumha (: dū) [fc. dumhach.]
Dúmha = lom-trágha; tráigh mhór ghainimh. An Dúmha Mhóir = tráigh atá tuairim agus ceathrú míle taobh thoir den Spidéal. Dúmha Mhóir na bhForbacha = tráigh ghainimh ag abhainn na bhForbacha in aice na coille .i. "casadh liom é ag Dúmha Mhóir na bhForbacha" / Tá dumha mhór ghainimh ann = tráigh / An Dumhach Dubh = ainm garraí ar chiúis an tsléibhe. Níl aon-ghaineamh ann, ach is talamh sean-tsaothruithe é. "Thug sí a ceann léithe síos an dumhach dubh" /

Druimnochttha (fc. druimnochttha).
Tá beatha druimnochttha annsin thoir aca (: ag cearca) = tá an bheatha le fáil gan mórán easonóra. / Tá cúrláin (: cubharláin) ar na cnocáin sin amach druim nochttha, ach a mbaint. Tá agus cara mhilis freisin / Tá móin dromnochttha thuas annsiúd ar phortaí, agus ní bhacfaidh duine ar bith é faoin a dhul in a chuid fhéin

ach ní leigfeadh corp leadaíochta dhó a dhul in a choinne / Tiocfaidh sí abhaile aríst druimnochttha = (cailín aimsire). Tiocfaidh sí abhaile aríst agus diomdha uirre; tiocfaidh sí abhaile aríst as an teach a bhfuil sí ar aimsir ann agus gan aice ach bonnaíochaí. / Fuair sé sórt poistín eicínt suas faoin tír, ach tháinic sé abhaile aríst druimnochttha faoi cheann coicíse. Tá mé ag ceapadh nach bhfuil a sháith fólaime air siúd le dhul i bposta ar bith. Ní cheal muis nachar chaith sé sách fada ag dul chuig coláistí /[Chuaigh mé soir ann ag ceapadh go bhfuighinn cupla céad síol coirce ach tháinic mé abhaile aríst druimnochttha. Ní thiúrfadh sé dhom ach leathchéad, agus dúirt mé leis é a chur san áit ar chuir Cúmar an bhloinic! / Theastódh cineál iarraidh ón ngandal sin amuigh. Dhá bhfaghadh sé druimnochttha í faoi bhun an ghéill = gandal a bhí ag déanamh millteanais. Ba cheart an iarraidh (: an buille) a thabhairt dó cho trom téagarach agus a d'fhéadfaí é, agus a tabhairt dó nuair nach mbeadh sé ar a áirdeall féin ach oiread / Thug siad an buille uatha druimnochttha = sin é an chaoi ar ionnsaigh na Siopánaí cabhlach Mheiriocá i bPearl Harbour / Thapaigh sé a dheis, agus thug sé féin druimnochttha é, isteach díreach ar na polláirí / Má theigheann tú in a éadan chor ar bith, déan druimnochttha é. Tabhair leat an chleith mhór sin thall agus bain ceól as na ceathrúnaí aige! = asal bradach]/ Beidh an ceann eile (: bus) druimnochttha. Seasamh ag an S. a rinne sé anois ag leigean daoine amach, agus leigfidh sé amach leis anoir iad = bhí dhá bhus ar an mbóthar céanna, taca an am céanna. Chuaigh an chéad cheann thart gan seasamh, ach beidh an dara ceann falamh nó leath-fhalamh ag tiacht, mar sheas sé ag S. ag leigean daoine amach / Tá sé druimnochttha ag teacht anocht (: carr crannóige) = níl aon-phaisinéara aige / Is geárr go bhfaghaidh tú lorry eicínt druimnochttha ag tiacht agus tóigfidh sé thú. Gheobhaidh tú bealach feicfidh tú féin air /

Diúltú (: Fc. diúltú).

Níl a fhios agam ar mharaigh sí an páiste chor ar bith — diúltaigheamuide di = ní maith liom a bheith ag cur bhréag uirre; ní mian linne a gníomh a bheith orainn fhéin. / Tá diúltú aige roimh an áit soir = ní mian leis a dhul soir chor ar bith (: he has renounced it; it is anathema

to him; is treise é ná "tá drugall aige roimh an áit soir") / Tá diúltú aige roimh an gcladach. In aghaidh a chos críochnuithe a ghabhfas sé ann /[Bhí diúltú aige roimh an Aifreann ariamh fhéin, ní dhá roinnt leis é! Síos ag iascach, ná suas ag gróigeadh móna nó ag biorrú claidheachaí a bhuailfeadh sé ar uair an Aifrinn, sé sin cho uain agus a bhí sé de rath air aon-bhuille mhaitheasa a dhéanamh.]// Dhiúltaigh sé an "blast" a chur amach nó go mbeadh an ráig caithte = d'eitigh sé [Feic diúltú. De réir mar atá sé annsin, is mó atá sé san gcaint, ach tá an chiall "d'eitigh (eiteach)" leis freisin; ach is beag é.] /

Dreolán, Dreoláinín = ainm-fhocal, fireann; iolraidh = dreoláin.
Dreolán = rud nó duine beag suarach; truailleachán; spriosán; dubhradáinín; cimleacháinín; ceolán; frighdeoirín; deoruidhe.
Dreolán teasbaigh: cuil a bhíos ag dul thart ins an samhradh ag ceileabhar agus ag goireamhaint (: grasshopper)

An bhfuil an dreolán sin ar an talamh arís = duine beag suarach, éidtreor -ach / Ara níl ann ach dreoláinín beag bídeach /[Ní féidir gur ag cothú achrainn atá an dreólán sin: i leabaidh a bhualadh isteach ar an straois agus luighe fiadha a chur air go ceann leath-bhliana. Airigheann sé go bhfuil na fir ar foghnamh ar fad imighthe]/ Cé'n sórt dreolán d'fhear de mhac é siúd aige. Shílfeá nach bhfuil biseach ar bith faoi. Dubhradáinín dona fearacht an athar a dhéanfas sé /[Bíodh unsa chéille istigh in do cheann. Ag ceapadh go bhfuighidh an dreolán sin an ceann is fearr ar "bhulaí". Gheobhadh go deimhin. Ní sheasfadh sé ala na huaire dhó.]/ Níl tada i Sasana ach dreoláiníní d'fhir, agus dreoláiníní de mhná freisin. Shéidfeá céad aca de do bhois. Is agamsa atá a fhios é. Chaith mé seal ag obair in a mbuil /[Cá bhfuair siad an dreolán sin chor ar bith. Fir bhreagha agus mná breagha a bhí ins an gcuid eile uiliog ach níl brigh ar bith annsiúd. Ní bheadh a fhios ag duine cá leis a ndeacha sé chor ar bith. Ab é siúd craitheamh an tsacáin]/[Tá dreolán beag de mhac annsin thoir ag S. J. agus 'sé an gitín is suimeamhla é dhár casadh liom ariamh. Dhá gclois-theá na mná atá ag déanamh imní dhó sin. Ní de'n díogha iad deirimse leat]/ Ní fhaca mé aon-dreolán d'fhear ariamh in mo shaoghal nach mbeadh in a ghlaodhmaire. Tá sé annsin thíos ag S. G. Ar chuala tú ariamh a leithide de cheolán. Chuirfeadh sé coc achrainn ar John L. Sullivan agus ba mhaith an fear é. Ní fiú le duine ar bith a dhul ag fiachadh air leisce a dhul ag salú a láimhe leis, agus sin é an fáth nar fágadh céir air fadó. Ach níl sin ach ag borradh leis in a dheidh sin / An uair a bhínn ag carraeracht fadó, bhí lánamhain thíos i bpóirse Sh. Mh. S.: píle mór millteach de bhean a bhuailfeadh a cloigeann ar an mboimbéal annsin, agus dreoláinín d'fhear nach raibh aoirde do ghlúin ann. Caibiléirín a bhí ann agus ba franncuighthe an mac é. D'óladh sé a mbíodh ar a sheilbh. An uair a bhíodh sé tuithte, nó ag troid ins an teach ósta theigheadh an bhean in a choinne, agus chaitheadh sí isteach in a naprún é go dtugadh sí abhaile é. Nar leigidh Dia

go gcuirinnse bréag orra. Is dóigh go bhfuil an bheirt ar shlí na fír-
inne le fada. Ach chonnaic mé le mo dhá shúil fhéin í dhá iomchur
abhaile. / Go bhféachaidh an t-Athair Síorruí uirre muise,
má siúd é an dreolán d'fhear atá aice. Is suarach an cinnire é
le bheith ar teallach leis. Ba fuar an éadáil é le cur in a shuidhe
oíche sheaca le sáspan a théigheamh do pháiste. /[Ní choinneochadh
an teanga a bhí aige muis coinneal do'n teanga a bhí ag dreolán de
mháistirín scoile a bhí annsin thoir. Bhí sí thrídh lasadh ar fad aige.
Chuala mé oíche é thoir tigh Th. — oíche a raibh mé ag ól ann — agus shíl mé
go gcuireadh duine eicínt a dhrad in a bholg leis an loscadh mionnán
mór a bhí air. Ach 'sé'n an chaoi a raibh siad ag scairtighil gháire faoi.]/

Is geall leis an dreolán teasbaigh thú = duine roighin siléigeach /
Is cosamhail leis an dreolán teasbaigh é siúd agus an imeacht atá air /
Ab é an dreolán teasbaigh sin thoir ag P. Dh. Is deas é mo bhuachaill
muis! Is túisce a thiubharfainn an diabhal in a bhuachaill isteach in
mo theach ná é. Dhá gcuirinn 'na phortaigh é, ní bheadh sé as go trath-
nóna nó go mbeadh eadarshuth cainte déanta aige le gach a gcasfadh
leis ar an mbóthar; agus b'fhéidir gurb é an uair a bheadh sé anuas
ag Á. an Bh. a chuimhneochadh sé ar an gcarr móna a cheangal! /
Ní lughar leis an athair an sioc ná é. 'Chuile bhall aige ach cluasanach
mar sin. "Ag imeacht ag leiciméaracht annsin mar bheadh dreol-
án teasbaigh ann" adubhairt sé an lá cheana. "Port feadghaile
aige; ag breathnú isteach thar chlaidhtheachaí; ag smúracht indiaidh
gearrchaileadha; agus an garrdha annsiúd thoir cho glas agus a bhí sé lá
Fheile Brighde" [bhí an garrdha cho glas agus a bhí sé Lá Fhéile Brighde faoi
nach raibh aon-rath ar an mac ag deargadh na talmhana. Garrdha bán a
bhí siad a chur a bhí ann] /[Ara ab é an dreolán teasbaigh sin. Tá
a cheann sin ro-fhalamh le go mbeadh a chuid "lessons" ag cur aon-
imní air. Mo chomhairle dhuit, a chuid leabhar a dhóghadh agus an t-iarann
a chur in a láimh. [iarann = láighe]. Deirimse leatsa go mbeidh
ciall ceannuighthe aige ach a bhfaghaidh sé cupla bliain de na
léanaí deacair' siúd thuas imbarr an bhaile. Ní fhaghann duine ar
bith a chomhairleachan in aisce / Is deas an fear a fuair sé dhá inghin faoi
dheire thiar thall: an dreolán teasbaigh sin. Tá féirín maith aice
muis, ma ghníonn sí é siúd a bhuachailleacht /

Doicheall = ainm-fhocal; fireann.

[Fuaim — f. caol ar an ch i "doicheall" agus i "doicheallach".]

Doicheall = mí-fhlaitheamhlacht; fhuireasbhaidh féile, oinigh nó fáilte; drugal; daoith-eamhlacht; bodaighil; scáth; scóchas.

"Is minic doicheall mór ar bheagán fearthainn" = "is minic faitíos mór ar bheagán fearainn" = is minic a bhíos drugal nó scáth mór roimh rud eicínt agus an uair a theagas sé, ní bhíonn sé leath cho dona agus a ceapadh roimh-ré, fearacht daoine a mbeadh faitíos orra go ndéanfadh sé an-tuairt bháistighe agus go millfeadh sí gach uile rud agus gur beag an bhrigh í in a dhiaidh sin, ach a dteagann sí. /[Bhí an t-an-droch-ghothadh air, ach ní dhearna sé brigh in a dheidh sin. Is minic doicheall mór ar bheagán fearthainn / Shíl muid nach mbeadh aon-seamaide féir ag gabhail linn nach mbeadh in a aoileach an uair a thosuigh sé ag caitheamh corr-bhraon. Bhí cion chúig choca mhóinfhéir istigh ar an iothlainn agus gan slam dó (: de) buailte as cionn a chéile againn in áit a raibh muid ag iarraidh na garrantaí i bhfad ó láthair a thárlú isteach sul a dtosuigheadh muid ag cocadh. Is muid a bhí in anchaoi ceart, ach feacha míle buidheachas le Dia gur imigh sé thart gan faice a dhéanamh. Ar chuala tú ariamh é: is minic doicheall mór ar bheagán fearthainn]/ Bhí 'chuile dhuine rithte anall as Sasana ar an gcéad iarraidh. Síleadh an uair sin go mar(bhóchth)aidhe iad as éadan. Ach ba ghearr aríst go raibh an choisidheacht chéadna anonn aca, agus níor marbhuigheadh mórán aca ó shoin. Ní cheapaim go bhfuil duine ar bith as an ruta seo marbhuighthe ná ar iarraidh. Dhá dhonacht dá raibh sé, ní raibh sé baoghal air cho dona agus a rinne daoine amach idtosach. Is minic doicheall mór ar bheagán fearthainn arsa tusa /[B'fhurasta a gcur amach aindeoin a raibh d'fhaitíos ag na daoine rómpa. Níl áird aca siúd ar thada ach a ngna féin a dhéanamh. Shuidh an sagart óg thíos ar an teinteán th'éis an Aifrinn mar a dhéanfadh fear de'n bhaile. Ní raibh call duinn a leath-oiread téisclim ná anró a chuir orainn féin, ach bíonn duine ag iarraidh 'chaon tsórt a bheith ar deil in a dheidh sin. Is minic doicheall mór 'ar ndú' ar bheagán fearthainn. Mo chreach mhaidne ghéar muis, dhá mbadh ag M. Ph. a bheadh an sagart, 'sí nach gcuirfeadh an easonóir uirre féin. "Tá sé cho maith aige-san agus atá sé againn féin" adeir sí "an trip" deireadh. Sin í an cailín agad!]/[Bhí an-chaint annsin go mbeadh cogadh ann anuiridh, an uair a bhí

na punncáin ag iarraidh na gcaltaí ar Devalera. Diabhal aithne a bhí orra timcheall annseo nach raibh siad "landáilte" ins an gC. Ach faoi cheann seachtaine, níor fhan smid ar bith faoi. Diabhal an focal. Sin é an doicheall mór ar bheagán fearthainn. Ara bhí ealadhain eicínt eile aca féin ann freisin le dallach dubh a chur ar na daoine. Sin í a gceird sin i gcomhnuí. / Má b'fhíor go raibh 'chuile Éireannach i Sasana le tógáil agus le cur amach ins an gCogadh de'n bhuidheachas. Diabhal Éireannach ar bith a tóigeadh ar a shon sin mara raibh a chionntsiocair féin leis. Duine ar bith a bhí ag iarraidh fanacht as an Arm b'fhurasta dhó a dhéanamh. Chonnaic mise é. Is minic doicheall mór ar bheagán fearthainn adeir siad. Badh é sin a fhearacht ag na h-Éireannaigh i Sasana é. Bhí an t-Éireannach indon a rogha rud a dhéanamh i Sasana. Nach raibh na Sasanaigh ag creathadh in a gcraiceann rómpa /[Shíl mé go mbeadh sé in a ghleár-adh cheart. Bhí T. ag cur goithtí air fhéin, agus ag síneadh na lámha agus níor thaise de'n fhear thall é: Bhí sé ag caitheamh corr-smugairle tirm amach agus ag cur cor in a bhéal. Agus 'ar ndú' bhí an chos-mhuintir ann annsin, agus iad féin líomtha chuig tosuighe. 'Sé'n faitios is mó a bhí ormsa go mbrisfidís a raibh ins an teach. Marach sin níor mhiste liom dá mbeidís ag bualadh tuighe shrathair ar a chéile go ceann seachtaine. Ach shuaimhnigh siad ar an toirt in a dheidh sin, th'éis an scanradh a bhí orm féin. Is minic doicheall mór ar bheagán fearthainn mar adubh-airt an ceann eile. / Diabhal mé cupla bliain ó shoin go gcuireadh an dream sin a bhíodh ag léigheamh na nuaidheachtaí (: páipéir) lán a gcruite d'fhaitíos ar na daoine. Bhí 'chuile shórt ar a ghainne agus ar a dhaoirse. Ní bheadh tada le fáil faoi cheann bliana. Dá seasadh an cogadh dhá bhliain, bheadh gorta ann, agus daoine ag fáil bháis. Ach tá sé ar srubhal (: siubhal) cheithre bliana anois agus dheamhan duine a fuair bás le amhgar míle buidheachas le Dia. Is minic an doicheall mór ar bheagán fearthainn ann freisin]/

"Comhfad a theigheas fuacht agus teas:
Comhfhad a theigheas fuath agus grádh:
Ach teigheann an doicheall go smior,
agus ní scarann as go bráth."

[Rann faoi'n doicheall í seo. Níl dubháilce ar bith a chinnfeadh ar an doicheall. Bhí an córtas agus an fáilte ag rith ariamh le Gaedhil. Ní taise

le lucht labhartha na Gaedhilge indiu é] / 'Sé an doicheall an rud is measa ar bith. Sháruigh sé 'chuile shórt eile. Nar chuala tú ariamh é: teigheann an doicheall go smior agus ní scarann leis go bráth. / [Nach h-olc é an doicheall 'sábhálaidh Dia sinn! Teigheann sé go smior. 'Ar ndú' sé an peacadh is measa amuigh é mar sin / Sin é adeireadh N. Th. i gcomhnuí. "Mhaithfinn droch-mhúineadh agus drabhlás agus dithcéille do dhuine" adeireadh sé. "Mhaithfinn créatúlacht agus géireadas dó. Ach tá rud amháin nach maithfinn d'aonduine agus sin é an doicheall. Teigheann an doicheall go smior" / Níl aon-rud faoi'n domhan is lughar liom ná doicheall mar sin. Teigheann an doicheall go smior adeir siad / Tá doicheall eicínt air faoi láthair. Níl focal de'n chaint aige. Chas sé liom annsin thíos aréir agus níl ann ach gur bheannuigh sé dhom / Céard a chuir an doicheall air linn. Bhíodh sé breagh subháilceach roimhe seo. Ach níl sé amhlaidh le goirid. Oibrigheadh sé leis anois. Níor chuir muide chuige ná uaidh]/ Tá doicheall eicínt aríst air muis. Ach sin é an chaoi a mbíonn an bodach sin i gcomhnuí. Ní túisce leat ná in t'aghaidh é. Tá sé cho luath-intinneach leis an ngaoith agus cho bundúnach le múille / Nach diabhaltaí an doicheall a bhíos uirre i gcomhnuí thar agus duine ar bith eile. Níl aon-duine ins an tír nach gcuirfidh aighneas lághach ar an mbóthar ort, ach caithfidh sí i gcomhnuí a bheith in a duine innte féin. An uair a bhíos fonn lághaigheachta uirre bheadh sí ag dul siar in do bhéal, ach ar an toirt boise aríst bheadh stainc uirre. Is diabhlaí an chaoi a mbíonn cuid de na daoine / Tá doicheall an tsaoghail aige le na daoine ar an saoghal seo. Meastú nach shéard a d'fheicfeá a dhéanamh é anois, má bhíonn tú ag déanamh air, ag dul treasna, faitíos castáil duit. [Níl a fhios agam beirthe ná beo cé'n fáth é. Caithfidh sé siúd "céapar" dó féin a bheith aige i gcomhnuí]/ Tá an doicheall uirre. Sin é an rud atá uirre, agus ar 'chuile dhuine dár bhain léithe. [Bhí neart dó (de) ionnta sin ariamh. Ach fág iad len a n-an-shógh féin. Ní beag dhóib rud dá bhfuil orra. Diabhal é muis]/ Ach cé uaidh a dtug siad an doicheall siúd chor ar bith. Bhí athair agus máthair shúbháilceach chainteach aca sin. [Is mór adéarfadh duine le galántacht, ach ní galántacht ar bith é, mar sé an chaoi chéadna a bhfuil siad le 'chuile dhuine]/ Tuige an doicheall sin a bheith aca le clann Sheáin. Ní bheadh fhios ag aon-duine

beo. [Ach sin é a mbealach, agus is gránna an bealach é freisin.]/ Níl údar doichill ar bith aice linne, marach an doicheall a bheith innte. Agus ó atá sé sin innte, ní fhágfaidh sé í. [Is furasta aithinte cé'rb as ar thug sí freisin. Ó Chloinn Mhac Confhaola. De Chloinn Mhac Confhaola a máthair]/ Má tá doicheall aice leat, tá rud agadsa le déanamh: a dhul amach thairti agus do phort feadghaile thuas agad, mar a bhíodh ag B. Ph. Sh. 'chuile uair dá gcastaí an bhean leis, an t-am a raibh siad in árachaí a chéile. [Diabhal focal bréige ann. Port cho croidheamhail agus a chuala tú ariamh. Dhá mbadh aon-bhean eile faoi'n domhan í, sciorrfadh na cosa uaithe ag damhsa leis]/ An bhfuil sib indoicheall le chéile cho mór sin, agus nach dtóigfeadh duine agaibh leitir le tabhairt do'n cheann eile. Is dona an chomhursanacht é sin / Chuaidh sí amach tharainn gan an smid féin a labhairt linn as doicheall / Ní raibh sé aon-lá ariamh féin nach mbeadh doicheall an tsaoghail aige le sagairt. Fear agus píce ní chuirfeadh ag an bhfaoisidín é thar uair ins an mbliain. /[Tá an-doicheall aige le 'chuile chineál duine de'n tsórt sin: póilidhe, máistir scoile, sagart, "ganger" bóthair, saighdiúir, fear posta nó fear ar bith a bhfeicfidh sé sórt culaithe ar bith air. Síleann sé gurb shin iad atá ag bánú na tíre, le na dtarraingigheann a gcuid éadaigh d'airgead. Ní chreidfeadh sé nach bhfaghann máistirí scoile agus sagairt a gcuid éadaigh in aisce freisin. Is beag an ghoir a bheadh agad an rud sin a chur amach as a cheann. Bíonn daoine ag cumadh dhó as éadan freisin …]/ Bhí an-doicheall ag S. Mh. Mh. — go ndéanaidh Dia trócaire air — le leabhra agus le páipéir nuaidheachta. Ní raibh aon-lá de'n ádh ar an saoghal ó thosuigh siad sin ag teacht amach adeireadh sé. "Is beag 'e chogadh ná an marbhú a bhíodh ann fadó" adeireadh sé "an uair nach raibh focal scoláireacht' ar aonduine. 'Sí an scoláireacht a d'fhága an saoghal mar tá sé." /[Is iongantach an doicheall atá aige le currachaí, ach m'anam 'ar ndú, go bhfuil a údar aige … Ceal nar chuala tú é. Nar chaith sé uair i bhfairrge cheana siar ó Ch. Bh. T. D'ionntuigh an churrach ar thriúr aca. Báitheadh duine — mac le M. Th. Sh. a bhí annsin thiar. Tháinig an bheirt eile slán, ar na maidí rámha. Sin é an doicheall atá aige le na currachaí / 'Bhfaca tú aon-fhear ariamh, d'fhear atá in a fhorránach cho láidir leis a bhfuil an oiread doichill le troid aige leis. Dheamhan páiste in do thír nach bhfuil indon fadhb 'sa bpus a thabhairt dhó. D'eirochthá in a mhullach agus dheamhan araoid a chuirfeadh sé ort in a dheidh sin. Uair ar bith a bhfeicfidh sé achrann ag tosuighe leigfidh sé leis fhéin ar an bpuínte / Má tá an oiread sin doichill

leis an ól aige, nach breagh nach gcaithfeadh sé amach an dearbhráthair. Dheamhan oíche dhá n-eirigheann ar a shúil nach dteagann sé abhaile agus gan cois faoi. Ach is beag dhá chuid cluanuigheacht' é sin. Ní in aghaidh an óil atá sé ach crádhas croidhe atá air aon-phighinn a chaitheamh]/ Shílfeá go mbíonn sé ag déanamh sórt doichill liom le goirid. Níl sé cho laetheamh-ail agus a bhíodh sé / Ní thiocfaidh mé isteach aige chor ar bith. Bheadh doicheall aige rómham = ní bheadh aon-fháilte aige rómham; ní chuirfeadh sé aon -chóir orm, ná ní thiubharfadh sé aon-óstachas dom /[Tiocfad muis! Meastú an dtiocfainnse isteach idteach a bhfuil doicheall ann romham. Baoghal orm]/ Ní bhfuair muid tada ann ach an doicheall. Dheamh -an láimh féin a craitheadh linn ná fáilte a cuireadh romhainn. Bhí siad cho gruamánta, agus gan smid de'n chaint aca … Bail ó Dhia ort! [Tae muis! Bhí cosamhlacht mhór orra siúd go deimhin, a dhul ag réidhteach dhuinn. D'imigh linn ar an dá luath agus a bhfuair muid an deis]/ Má fheicim go mbeidh doicheall ar bith aice rómham, is gearr gasta a fhanfas mise aice, ach bóthar a bhualadh aríst /[Sin é an faisean atá aca sin ariamh. Níl duine ná deoruidhe dhá dteigheann isteach aca nach mbíonn an doicheall chéadna aca roimhe. Cheapfá gurb é an chaoi a mbíonn siad go mb'fhearr leo nach dtaobhóchadh aonduine iad]/ Eirigh as an mbanrán sin anois. Ní raibh aon-doicheall thairis sin aige romhainn. Facthas domsa go mb'fháiltighe go mór é ná mar is iondamhail leis. Ní doicheall ar bith a bhíos air ach is duine dorcha é. /[Cé'n chaoi a bhféadfadh sé aon-trácht a fháil. An bhfeiceann tú an doicheall a bhíos air roimh 'chuile duine. Meas tusa an caoi d'ostóir a bheith mar sin. Cé'n chúram atá ar aon-duine a thaobhachtáil mara dtogruighidh siad é / Is beag de'n doicheall sin a bheadh romhainn aice sin dhá mbeadh dalladh airgid againn agus muid a bheith indon a h-íoc ar an tairnge. Cuirfidh mise geall leatsa gurb í a bheidheas meangach leis an té nach dteigheann chuice ach go h-ann-amh. Beidh mo léan, mar bíonn sí ag tnuthán len a mealladh ó na siopaí eile chuice féin / M'anam nach bhfuil fear ar bith nach bhfuil doicheall aige roimh fhear próiseannaí. An t-uisce bruithte a d'fhagh -aidís fadó. / Deir sé nach gcuirfeadh sé a chois chlí ná dheas isteach thar an tairsigh aríst go deo aca leis an doicheall a bhí aca roimhe Dé Domhnaigh seo caithte. Is beag nar dhubhairt siad leis go mb'fhearr leo go bhfanfadh sé uatha. Ní dhearna sé dhá mhionnóid moille ann gur

ghlan sé leis gan greim gan blogam / Is túisce a thiubharfadh an diabhal leis é muise ná a thiocfainnse go dtí é — giolla bradach an doichill. 'Ar ndú' níor chuir sé sin fáilte roimh aonduine ariamh]/ Go ndéanaidh Dia grásta air muis, ba bheag an doicheall é roimh an té a bhuailfeadh isteach aige. Dhá mbadh é an fear ab fhuide amach uaidh in Éirinn é, ní leigfeadh sé amach é gan an chumaoin chéadna a chur air, agus a chuirfeadh sé ar a dhearbhráthair. Níor fhéad aon-fhear ariamh a rádh gur fhága sé tighe M. Bh. Mh. faoi thart ná faoi ocras /[Bhí an oiread doichill romham ann agus dhá mba tincéara nó gaduidhe mé. Ach béidh a shliocht orra. Is fada arís le congnamh Dé go bhfeicidh siad mise ar a dteallach]/ Chuaidh sé go dtí leac an doichill aige = bhris sé leac an doichill aige = bhris sé leicín an doichill aige = chuaidh sé go dtí áit nach raibh aon-fháilte roimhe, ná nar cuireadh aon-chumaoin air / Feicfidh tú mise ag dul go dtí leac an doichill anocht: siar tigh S. Mh. Caithfidh mé leath-mhaide rámha a iarraidh air, faghaim é nó ná faghaim. Is dóigh nach bhfuighidh. Briseadh maide orainn an lá faoi dheireadh a raibh muid amuigh / An bhfuil a fhios agad cá ndeacha mé ag briseadh leicín an doichill aréir: suas tigh Mh. Shíl mé go gcaithfeadh sé amach mé ach diabhal caitheamh. Bun-tsubháilceach go leor liom a bhí sé shul dhá d'imigh mé /[Sin é an lá ar casadh ar leac an doichill mise. B'éigin dom a dhul isteach ag iarraidh deis deasuighthe "bicycle" ar Th. É. Dhá bhfeictheá an grúscán a chuir sé as. "A", "A", "A" adeireadh sé agus a mhéir faoin a chluais aige. "Ag an diabhal go raibh tú" adeirim féin / Mo choinsias 's dar m'anam is ag briseadh leac an doichill a bhéas sé ag dul, má theigheann sé ag iarraidh na h-inghine air siúd. Nach bhfuil a fhios agadsa go maith nach meas atá ag S. Mh. Sh. ar leath-ghabhaltas talmhana. Ní mór leis siúd céithearnach dá inghin a mhic ó / Bhrisfinn leicín an doichill aige dhá mb'fheasach dom go bhfuighinn amharc ar an inghin siúd nach gcorruigheann amach. Deir siad gur mór an áilleacht í. Ní fhaca mé ariamh í, agus tá mé indiaidh a feiceál i gcomhnuí. Nach mór an feall nach bhfuil aon-toidheacht i láthair innte. Bheadh candáil ar a leithide anois. Tá cailíní deasa na tíre scuabtha go Sasana / Is len a dhul go dtí leac an doichill dom é muis a dhul ar cuairt chuige sin. Nach beag a bheadh le déanamh aige. Is suarach an blas a bheadh aige sin ar mo

leithid-se de scráibín bualadh isteach ar cuairt aige. B'fhéidir gurb é an "bulldog" mór siúd a shaghdfadh sé ionnam]/ Chuaidh tú go dtí leicín an doichill ag M. aréir. Chonnaic mé thú ag cnagairt ar an dorus aige. An bhfuair tú aon-áird … Dar mo choinsias má fuair, is tú an chéad duine a leig sé isteach le seal /[Brisfidh sé leac an doichill ag bean óg eicínt imbliana. Chítear dom go bhfuil an-rachmall mná dhá bhualadh le goirid. Teigheann sé ag na céilidheach -aí as cnámh éadain anois / Brath mhór atá agam a dhul go dtí leicín an doichill ag M. L. Is dóigh go ruaigfeadh sé mé. Meastú an ruaigfeadh. M'anam muise dhá dtugadh sé aon-obainn air nach mbeadh aige ach a leath. Deirimse leat go dtiubharfainnse sciúradh na sean-chuinneoige dhó, ar ionntú an tsuip]/ Ní shiúd é an ribín réidh le dhul go dtí leac an doichill aige. 'Sé'n chéad-mhaith a dhéanfas sé fiafruighe dhíot céard atá tú a iarraidh. Ní bheidh ach faon-oscal ar an dorus aige, agus fanóchaidh sé féin taobh istigh. Dheamhan beannú ná beannú a rinne sé d'aon-fhear ariamh /[Ní bheadh misneach ar bith agad a dhul soir agus leicín an doichill a bhriseadh ag J. N. Iarrfaidh mise dhuit í. Th'anam ó'n diabhal imigh leat agus fagh buidéal fuisce agus gluaisfidh an cupla againn siar. Tá smearachán ghaoil aige liomsa. Mara dtugaidh sé aon-ugach duinn, buailfidh muid pléasc ar an gclog nuadh a cheannuigh siad. / Is gearr goirid go mbrisfidh mise leac an doichill ag an seairsint seo thíos. Buail-fidh mé iarraidh ar dhorus an bhearraic agus déarfaidh mé "form dole" a chur amach agam nó troid. Tá mé ag breathnú ar dhaoine agus iad reamh-ruighthe le dole le trí bliana. Dar mo choinsias ní bheidh mise ar deireadh níos mó ach an oiread le duine]/ Deirimse leat gur shiúd í leac an doichill. Fanadh 'chuile fhear as an bpríosún. Mar adeir an t-amhrán: "Siúd é an príosún agus ná teigidh ann". Nach beag an scruball a bhíos i bhfear ar bith a chuirfeadh bean bhocht isteach annsiúd. Tá siad ann. Chonnaic mé iad. Duine ar bith a chaithfeas stráisiún annsiúd, tá a peirfhiacha thairis. /[Chuala mise ariamh caint ar leicín an doichill ach siúd é an áit a bhfuil sí, thíos ins an aspuicil. Go bhfóiridh Dia orainn is caillte an áit é. Gheobhaidh tú stiallóigín aráin agus braoinín tae nach dtiubharfá do sheacht mallacht air, agus sin é do lón go dtí an t-am céadna lá'r na bháireach. 'Sé a mh'anam scáth an dinnéar agus

an bricfeasta a bhíos ann. Tá na créatúir bhochta atá istigh ann
ag saothrú an tsaoghail. Go bhféachaidh an t-Athair Síorruidhe orainn
is mór an díol-truaighe duine ar bith atá fágtha istigh annsiúd / Ní bheidh
tú ar leicín an doichill choidhchin nó go dteighidh tú go Sasana. Dhá
mbeitheá ann a mhic ó bheadh a fhios agad é. Bheitheá annsin ar lóistín i seomra
gan aon-aithne agad ar an té a bheadh ins an seomra ba ghoire dhuit. Chaith
mé féin agus fear as na F. seacht mí ar lóistín i seomra agus bhí Sasanach len
a(r) n-ais ins an teach céadna, agus níor bheannuigheamar ariamh dhá chéile /
Leac an doichill! Má tá tú dhá tóruigheacht, teirigh siar ar bhaile na C. D.
Sin é an áit a bhfuil sí. Níl dhá theallach ar bith ann ag caint lena chéile.
Diabhal focal bréige ann. Tabhair gearradh éadain anois suas
dóibh thú féin go bhfeicidh tú an bhfuil. Nach hé an té a phósfadh isteach
in a lár a bheadh i ladhar an chasúir? 'Sé a bheadh ar leac an doichill
ar chaoi ar bith]/ Fáilte an doichill a cuireadh roimhe = fáilte nacharbh
fháilte chor ar bith í, doicheall a bheith romhat i leabaidh fáilte, agus in
áit b'fhéidir a mbeitheá ag tnuthán le fáilte. Seo í fáilte an
doichill nó fáilte an duine dhoichealla' (: doicheallaigh):
"Fáilte romhat agus nar badh eadh
Suidh síos — mara bhfuil deifir ort —
Agus 'ar ndú tá,
Fan go lá —
Tá na fataí seo do-nighte, do-bhruithte, do-churtha síos
Tá an tincéara i gCorcaigh; tá an pota ag leigean thríd
[Tá an pota i mBaile Átha Cliath]
Agus níl fataí ar bith is goire dhuit ná do chuid fataí féin" /
Fáilte an doichill a bhéas rómhat annsiúd mara mbí airgead agad.
Is cam a bhreathnóchas bean an leanna ar phócaí falamha bocht / Má
theigheann tú siar chuig P. B. agus taoscán breagh fuisce agad, ní hí
fáilte an duine dhoichealla' a chuirfeas sé romhat mise i mbannaí.
Cá bhfuighidh sé cliamhain is fhearr ná thú, agus thú ag saothrú trí phunt ins
an tseachtain ar "scím" na móna /[Fear ar bith a thiocfas dhá h-iarraidh
siúd agus gan trí chéad punt aige, 'sé fáilte an doichill a bhéas roimhe.
Gabhaltas mór talmhana agus teach nuadh agus plannda breagh de bhean: nach
fiú trí chéad punt an méid sin. Sílimse gur fiú / Tháinig sé isteach
lá thiar i S. B. "An bhfuil fáilte romham" adeir sé. Sin leath-fhocal a bhí aige.

"Tá" adeir bean an tighe fáilte an duine dhoichealla'". Níl a fhios agam ar dhubhairt sí in aon-turas í nó nachar dhubhairt, ach thóig seisean suas é, agus d'ionntuigh sé amach aríst. Ba mhaith an aghaidh an méid sin é. Bhí an iomarca nathuidheacht' agus cóirí catha ar fad aige / An té nach dtarraingeochaidh braonachaí fuisce agus bronntanais aice siúd, ní beidh roimhe aice ach fáilte an doichill. 'Bhfeiceann tú an ghairm atá roimh Ph. J. ann. Is maith an fáth muis. Tá sé sin suas anuas B. 'chuile ré soluis ag tarraint fuisce chuice. Cuirfidh mise geall leat nach mórán subháilce a bhéas aice linne an uair a bhuaileas muid isteach aice. Tá baoghal uirre / Má's leat fáilte an duine dhoichealla' a chur rómhat ann muis, abair go bhfuil mac Sh. Ph. ag dul chun cinn thar cíonn i bhfus annseo. Is maith gasta deirimse leat adéarfas sé go dtug tú h-éitheach. Ní lughar leis an diabhal ná mac Sh. Ph. ó a phós sé. Nach raibh sé ag iarraidh an mac se'aige féin a chur ann, agus chinn air. Sin é an faltanas atá aige do'n fhear eile, agus is neascóid ar a chroidhe a chloisteáil go bhfuil rath ar bith air / M'anamsa má thaobhuigheann an duine uasal sin an teach seo feasta gurb í fáilte an doichill a bhéas roimhe agus ní thuilleann sé a malrait. Is beag an dochar dhó náire féin a bheith air: ag teacht isteach i dteach ar bith leis an méid a chloiseas sé ann a tharraingt go dtí an chéad duine eile agus a dhá oiread a chur air. Sin í a cheird muise. Nach gránna an béas é ag buachaill óg. Fhobair mise an oíche cheana muise — marach gur casadh S. isteach — an bhróig a thabhairt dó. Ach bhí cás agam a dhul ag tosuighe siúite ar bith agus S. istigh]/

Píobán an Doichill: an píobán a dteigheann an bheatha síos ann an uair a theigheas sí le anáil duine. Bíonn sé ag casacht nó go gcuireann sé aníos aríst í. Ins an bpíobán réidh atá aice a dhul. [Píobán an doichill = wind pipe] / Chaithfeadh sé a sheáin, gur píobán an doichill a chuaidh sé sin. Feicthear dhom gur chaith tú an-fhada leis. Breagh nach n-ólfá suas de ghort an gharta do phionta mar a ghníos mise agus a bheith faoi réir le h-aghaidh ceann eile / An uair a bhíos an píobán réidh calctha air, tá sé siúd indon é a chur síos píobán an doichill. Marach go bhfuil, ní bheadh sé indon an oiread de scáird a ól. Mo chroidhe ó'n diabhal nach dtuillfeadh sé indabhach / Bhí sí ro an-tlásach ag an mbiadh. Chuir sí an iomarca suas in éindigh, agus chuaidh sé len a h-anáil síos píobán an doichill. Chinn sé uirre é a chur aníos, agus sheas sé in a muineál. Thosuigh

siad ag bualadh bosógaí ins an dromán uirre, ach dheamhan maith a bhí ann. [Ní rug an sagart ar an mbean bhocht. Cnáimh a bhí ins an ngeampa feola a chuir sí suas, a chriog í. Is maith nar mhór do dhuine a bheith ar a áirdeall féin ag ithe a bhéilí. D'fheicfeá daoine agus bheidís cho h-uathbhásach sin aige agus nach ndéanfaidís ach a shlamairt. Is mór an chontabhairt é sin 'sábhalaidh Dia sinn. Ar aon-chor ní bhíonn aon-mhaith ins an mbeatha leis an ithe sin a thabhairt uirre]/ Ná bac le piobán an doichill aige siúd! Níl an doicheall roimh bhiadh ná ól ag aon-phíobán dá bhfuil aige siúd — agus leis an ól go mór-mhór! 'Chuile shórt ach doicheall! Dhá n-óladh sé siúd thrín a pholláirí é, gheobhadh sé an bolg amach, ná bíodh faitíos ort. /[Is deacair le rud a dhul síos ins an bpíobán sin — píobán an doichill — mara mbeadh an iomarca an-bháthadha ort ag slugadh. Má ghníonn tusa réidhteach leat féin, mise i mbannaí nach dtiocfaidh aon-cheo síos píobán an doichill / Deiseall! Deiseall! Glac t'ionbhadh, agus ná bíodh an oiread sin uathbhais ort. Shíl -feá nach bhfuil breith bonn báis agad go mbeidh an greim deireannach sluigthe agad. Ní hé a ghoid ná a fhuadach uait a dhéanfar.
Ach tá a fhios agam go maith céard atá ort: fonn bóithreoireachta agus rabhtála ("routeála". fc. rabht). Is fada leat go mbeidh tú amuigh aríst]/ Chreidim go bhfuil an dá bhealach ann — an Daingean agus an Ceann — mar adeir an bádóir. 'Sé'n an píobán réidh píobán na beatha, agus an píobán eile — píobán an doichill — ceann na h-anála. /

Ag brughadh ar an doicheall: ag dul as cosa idtaca go dtí áit (nó duine) a bhfuil a fhios agad nach bhfuil aon-fháilte romhat; ag déanamh mórtachais le duine agus gan aon-iarracht ná aon-ghnaoi aige ort /[Ní thaobhóchaidh mé chor ar bith iad. Má thaobhuighim is ag brughadh ar an doicheall a bhéas mé.]/ Fanóchaidh mé as ar fad. Ní maith liom a dhul ag brughadh ar an doicheall. Is maith is feasach domsa nach bhfuil aon-ghnaoi aca sin orm. /[Dar fiadh muise má tá tú ag brath ar dhul siar annsin is ag brughadh ar an doicheall a bhéas tú deirimse leat. Meastú an bhfuil meas annsin ar fhear do bhaile. Diabhal an oiread agus a bheadh ar shalachar do bhróige. Is fhearr an aithne atá agamsa orra ná agadsa. Beannacht Dé dhuit a dhuine sin. Tá an dream siúd cho suimeamhail agus nach bhfuil áird ar bith aca ar a (: ar)

leithidí se'againne … Oibrigh ort a mhic ó. Déan do chomhairle féin, ach cuimhnigh go bhfuil mise dhá rádh leat: beidh aithmhéala ort. / Is fada síos a ghabhfainn agus gan a fhios agam cá'il mo luach saothair! Bhí mé cheana thíos ann ar bhainis Ph. N. agus dhá mbeadh breith ar m'aith-mhéala agam ní thiubharfainn an tabhairt orm fhéin. Agus ba mhór liom a bheadh amhlaidh. Ba ag brughadh ar an doicheall ceart dúinn a dhul ann. Níor fiafruigheadh cá dtáiniceamar, go raibh muid cupla uair ann, agus an uair sin féin ba suarach a caitheadh linn. Aon-ghloine amháin fuisce a fuair mé ar feadh na h-oíche. Dar lán an leabhair sin é an méid, agus ní mé an t-aon-duine a bhí amhlaidh: Dá bhfaghadh T. Ph. cead a chomhairle féin, bhí sé ag dul ag déanamh brosna do'n teach. Badh é a dhéanamh leis é. Ní raibh an teine féin ann.]/ Badh shin é féin a dhul ag brughadh ar an doicheall, a dhul isteach go dtí iad sin. Tá mé ag ceapadh nar fhéad aon-fhear ariamh a rádh go bhfuair sé cupán tae ann. [Dhá gcastaí ann thú faoi chéad agus iad ag ithe ní thairgfeadh siad a dhath dhuit. Badh iad an dream ba ghortaighe iad a shiubhail ariamh talamh ná féar. Bhí a shliocht orra: d'fhága siad cistí airgid in a ndiaidh.]/ A muise a mhuirnín, má theigheann tú siar go R. Mh. gabhfaidh tú ag brughadh ar an doicheall. Thug an tincéara fhéin a mhallacht dó: [ceathramhadh cloch fhataí a bhí aige th'éis soláthar trí lá, agus in a cheann sin goideadh an "sádar" (: solder) uaidh. Nach gann a chuaidh an saoghal orra, go mb'éigin dóib a dhul ag fiachadh ar an tincéara. Ach cé'n neart a bhí aca air. 'Ar ndú níl nidh dhá'r dhealbh an ghrian ann ach breaclachaí agus clochair / Fanadh sé as maran leis a dhul ag brughadh ar an doicheall. Meastú an mbeidh fáilte annsiúd roimhe. Ní bheidh muis … Bail ó Dhia ort féin agus ar do chuid gaoil! B'fhearr leo siúd go fada nach mbeadh gaol ar bith acu leis. Nach séanann siad é áit ar bith a bhféadann siad. Gaol mo chreach! Bíodh rud agad! Sin é an gaol a fhogh -anfas duit! / Níorbh ait liom ariamh a dhul ag brughadh ar an doicheall mara gcinn-eadh an saoghal críochnuighthe orm. Dhá dteighinnse isteach annsin, is beag an fháilte a bheadh romham, agus ní thiocfaidís ar chúla an chlaidhe len a innseacht dom ach oiread. Meastú an éistfinnse leo do mo mhaslú go spleadhach mar sin. Baoghal orm. Chaithfinn díom féin agus ba chuma liom in a mná ná in a bhfir iad, ach thiubhar-fainn gearradh éadain orra — gearradh éadain mar a thug Féidhlim do chac an mhad-adh. Diabhal a leithide de rúscadh a fuair aon-dream ariamh in a saoghal mar a

a gheobhaidís dá n-ionnsuighinnse iad. Dhá laghad gnaoi dá bhfuil aca orm, níl a leath-oiread agam orra, ná ní raibh ariamh / Níl fear ag brughadh ar an doicheall go dteighidh sé go Baile Átha Cliath. Chuadhamar ann anuiridh ag an mbáire, agus chaitheamar an oíche ag guairdeall thart ar fud na sráideannaí ag tóruigheacht áit' a d'fhágfadh istigh muid. Diabhal mé go sílfeá gur in aisce a bhíomar dhá éiliú. Bheitheá ag bualadh leath-uair ar an dorus gan fáir gan freagra a fháil. Nuair a thiocfadh duine go dtí an dorus féin, ní thiubharfaidís air ach faon-oscal. "What do you want" agus 'chuile dhuine aca agus iad cho mí-chéadtach. Choimirce an diabhail do Bhaile Átha Cliath fré chéile! An uair a bhí streoillín streille déanta againn de'n oíche, agus muid sáruighthe ag siubhal, 'seadh a casadh fear linn, a thug chuig a theach féin muid … / Dar fiaguidhe muis ní ag brughadh ar an doicheall a dhul chuige. Tá fáilte agus caint agus carthannas le fáil uaidh. Dar mo choinsias is mór an tsúbhailce an chaint.

Thiocfá isteach ag cuid de na daoine agus ní labhróchaidís faoi dhó leat ó ghabhfá ann go n-imeochthá as aríst. Ní hé sin dó-san é a mh'anam.

Ní ins an gcarthannas a chaill sé é ar chaoi ar bith / Ná teigeadh muid ag brughadh ar an doicheall an eadh. Dheamhan an mó ná dhá mbeadh an V2 cocáilte istigh aige orainn anois go bhfanadh muid uaidh.

Cé'n bheann atá againn air faoi'n a dhul tamall ar cuairt. Nach leigfeadh fear ar bith bulc gearrbhodaigh scathamh isteach ag déan-amh áirneáin. Mara mbeidh seisean 'nós gach duine, ní bhfuighidh sé féin mórán suaimhnis muis. Coinneochthar corr-mhiaróigín (: méaróigín) buailte ar an dorus aige]/ Mara bhfuil airgead ar bois agad ná taobhuigh siopaí na G. Má thaobhuigheann is ag brughadh ar an doicheall a bhéas tú. Siúd é an áit deire ag duine le dhul mara bhfuil pócaí teann' agad. Ná bac leis an bhfear falamh.

Níl siad siúd dhá iarraidh. Is beag é a n-iarracht air. Tá sé a fhearacht ag an bhfear fadó: —

"Pócaí falmha bocht, buailidís bóthar agus gheobhaidh siad seantáin amach faoi'n tír" / Chuaidh mé ag brughadh ar an doicheall agus tháinig an doicheall amach i m'aghaidh. Ní leas-ainm ar bith air siúd an doicheall a thabhairt air. Dhá bhfeictheá an chaoi ar tháinig sé aníos as an gclúid, an uair adubhairt muid go raibh muid ag cruinneál (: cruinniú) airgid. 'Chuile bhall aige siúd ach an té a bhéas ag cruinneál airgid /

Doicheallach = aidiacht as doicheall agus an chiall chéadna leis.

"Má tá muid cumhang níl muid doicheallach" = má tá an teach beag, is cuma sin; tá fáilte againn roimh an té a thiocfas = má tá muid taobh le beagán bidh, airgid, nó córach, ní bheidh muid go dona faoin a bhfuil againn. Roinnfidh muid go fial flaitheamhail é /[Má tá muid cumhang níl muid doicheall -ach. Is beag an áit a síleann an carthannas arsa tusa = bhí teach cumhang aige, ach b'áil leis a chur i gcéill nach raibh croidhe cumhang aca, agus ó thárla nach raibh, ba bheag an áit a dhéanfadh cáirdí / Deasuigh anuas annseo agus déan do ghoradh. Gheobhaidh tú annseo é, cho maith agus atá sé againn féin. Má tá muid cumhang, níl muid doicheallach / Gheobhaidh tú lóistín na h-oíche uainn, dá gcaitheadh duine againn féin fanacht in a shuidhe. Níor chuir m'athair aonduine amach ariamh, agus dheamhan an ndéanfaidh mise anois é. Má tá muid cumhang féin níl muid doicheallach. / Ar chuala tú céard adeireadh T. Mh. fadó. Ní raibh aige ach pruchóg de theach. Dheamhan a bhféadfá casadh istigh ann. Theigheadh scata againn féin suas chuile oíche ar cuairt ann. An uair a theagadh muid faoi'n dorus i gcomhnuí, sé'n leathrann a bhíodh ag T. "Doirtigidh anuas a scurachaí. Má tá mé cumhang níl mé doicheallach." Is minic a chonnaic mé an teach sin lán go drad. Ní thuillfeadh duine eile ann. Is iomdha siamsa a bhíodh ann. Ní bhíodh d'fhaitíos ar T. i gcomhnuí ach go mbainfeadh duine eicínt an maide mullaigh, agus go dtuitfeadh an teach anuas orainn. Leagfá do láimh mar sin ar an maide mullaigh. Bhí an teach cho h-íseal sin / Má tá muid cumhang, níl muid doicheallach. Sin é a bhí J. Ph. A. a rádh an oíche ar pósadh é. "Brughaigidh isteach 'fearaibh. Má tá muid cumhang níl muid doicheall -ach". Bhí an teach sáthach cumhang gan dabht, ach m'anam go raibh a dhóthain fairsingeacht' ann freisin dhá mbeadh aon-cheo le cur ann. Fliuchadh a' (: ar) mbéil féin níor eirigh linn i gcaitheamh na h-oíche. Ó dheamhan an sdriog!]/ Teagaidís isteach má tá rud len iarraidh aca, agus ná bídís ag coduidheacht amuigh annsin. Má thugann siad iad fhéin le teasbánadh, beidh fáilte rómpa. Má tá muid cumhang féin níl muid doicheallach / Is doicheallach an diabhal é le dhul isteach aige. Dubhairt mé "Dia ann" agus is beag le gur fhreagair sé mé. Rath na raithnighe air le caoi a bheith air / Is doicheallach an duine é

siúd le marcuidheacht a iarraidh air. 'Sé an fear is measa ar bóthar é faoin a "lorry". Is beag nacharbh fhearr liom a dhul G. de shiubhal mo chos ná a bheith in a chleitheamhnas faoi mharcuidheacht / Is doicheallach an stiúir a bheadh uirre siúd ins an leabaidh maidin sheaca. [Nach hí an séacla caillte í. Ní phósfainn í go díreach glan nó go bpósainn an bhornóg mhór sin thiar ag P., agus is fada a bheinn ag cuimh-niú air sin / Diabhal fear faoi'n mbogha bán is doicheallaighe ná é, le tarraingt air. Doicheall uiliog é. Teirigh isteach aige moch nó deireann-ach agus is é an cás céadna é. Bíonn gruaim air i gcomhnuí, i gcomhnuí / Is doicheallach an mhaise dhuit anocht é. Tá tú in do dhris cheart. Nach breagh nach mbeadh éisteacht eicínt agad le na daoine. Tá an cheird sin ceart go leor, ach náireochthá muid dhá gcastaí aon-strainséara an bealach / Is doicheallaighe go mór é roimh a mhuintir fhéin ná roimh an strainséara. Diabhal mé go mbíonn an-chúntanás aige do'n strainséara; ach duine ar bith a theagas ag brughadh aon-smearachán gaoil air, bíodh sé sin ar a shon féin. Níl aige ach a rádh chor ar bith go bhfuil an gaol ann, agus gheobhaidh sé an bóthar amach. An cuimneach leat anuiridh an t-am ar tháinic mac J. Sh. Bh. ann … / Hébrí céard a dhéanfas tú ná bí doicheall -ach leis. Cuir fáilte roimhe agus iarr isteach é, agus tairg cupán tae dhó. Annsin innis dó a bhfuil le rádh agad, go mín mánla gan focal arannta ar bith. Ar a bhfaca tú ariamh ná teirigh 'un droch-mhúineadha leis mara gcinnidh ort. 'Sé'n buille réidh an buille is fhearr]/ Is doicheallach an gothadh atá ar an bhfairrge indiu. An bhfeiceann tú an bláth bán atá uirre. Ní mórán dá fhonn a bheadh orm indiu m'aghaidh a thabhairt amach uirre. Tá sí buille callóideach / Dar mo choinsias is maith doicheallach an spéir í sin thiar. 'Bhfeiceann tú na mótaí dubha sin. Ní éadáil mhór ar bith iad. Feicfidh tusa in a dhórtadh fós indiu é. Ach má bhíonn fhéin is cuma linn. Tá muid as cionn ar gcuid oibre buidheachas le Dia / Is doicheallach an chuma atá ar an sliabh sin suas, le dhul suas ag iarraidh móna ann. Ní fheicfidh tú ar a mhalrait aríst é go dtí lá buidhe Bealtaine seo chugainn / Dhá mbeadh an bóthar cho doicheallach anois agus atá na clag-fhairrgí atá thart faoi'n gCeann ní fhéadfaidh muid loiceadh anois. Seó linn anois! Dhá dheannachtaighe dhá bhfuil an bealach, bainfeamuid ceart dó (: dhe) le congnamh Dé. Rinne mise é oícheannta níos measa /

Doiligh: aidiacht.

Doiligh = brónach; cráidhte; deacair; cruadh a dhéanamh; lughar; drugalach;
is leisc le … ; easonórach.
["Doiligh" in áit "deacair" i nDúithche Sheoigheach thríd agus thríd; taobh thiar Chonamara;
Iorrus Mhór, Iorrus Bheag agus aniar go dtí an Caiseal; bíonn sé minic go leor
in Iorrus Aithneach, agus i Rosmuc freisin; "Deacair" is minicighe atá le
fairrge ar fad ó Ghaillimh go Leitir Mealláin ach bíonn "doiligh" ag daoine
freisin, agus tuigtear go maith ins gach áit é. Tá an dá cheann ar an Achréidh. "Doiligh"
atá ins na sean-fhocla is gach uile áit cho fada le m'eolus]

An rud is doilighe le duine b'fhéidir gurb é a leas é = an rud is doilighe le duine
ná a bhás b'fhéidir gurb é clár a leasa é = an rud is lughar (measa)
le duine ná a bhás b'fhéidir gurb é lár a leasa é (: a leas) = an rud is
deacra nó is cráidhte nó is mó a theigheas chois croidhe ar dhuine.
B'fhéidir gurb shin é an rud is mó a rachadh chun sochair dó. I dteannta
na leagan réamhráidhte, tá an leagan seo freisin ar an sean-fhocal
céadna: — níl a fhios agad an rud is doilighe leat nach hé do leas é.
"Níl a fhios nach mar is doilighe is fearr, cé gur deacair a rádh gurb eadh"
"Níl a fhios nach mar is dona is fearr agus is doiligh a rádh nach h-eadh"
= b'fhéidir gurb é an rud is mó a chuirfeadh drugal, leisce, easonóir nó
brón ar dhuine an rud is mó a rachadh chun tairbhe nó chun suime dó faoi
dheireadh thiar thall / Sin é an chaoi a mbíonn sé. Tá fhios agamsa, go maith
nar thaithnigh leat a dhéanamh. Is beag a thaithneochadh liomsa a dhéanamh
ach oiread leat. Ach ar chuala tú ariamh é: an rud is doilighe le duine
ná a bhás, b'fhéidir gurb é clár a leasa é. / In aghaidh a chos a tugadh
siar ann é. Ag dul isteach ins an séipéal féin bhí sé ag loiceadh, agus
b'éigin do thriúr a chur isteach do'n bhuidheachas. Ach le chuile chamán
-uidhe phós sé í, agus dar príosta ó'n lá ar phós, bhí rith an tsonais
air th'éis go mb'fhurasta cur chuige roimhe sin. Sin é é. Níl a
fhios agad an rud is doilighe leat nach hé do leas é /[Ní raibh aon-bhanbh
ar an margadh is lugha a raibh cosamhlacht údair air ná é. Déarfá len a
fheiceál narbh fhiú deich triuf é. Ní cheannóchadh sé ar a bhfaca sé ariamh é,
marach nach raibh sé indon ní b'fhearr a dhéanamh. Ach feacha in a dheidh sin gur
maith a chruthuigh sé. Bhí moladh mór ar na bainbh ar tugadh an t-airgead mór
orra. Ach bhuail an droch-cheann amach uiliog iad. An rud is doilighe le duine

b'fhéidir gurb é a leas é.]/ Chonnaic mise S. Ó. B. a bhí thoir annsin. Ní chuirfeadh fear agus píce amach go Meiriocá é. Ba lughar leis ná a bhás corruighe amach ó'n mbaile chor ar bith. An lá a raibh sé ag dul soir go Meiriocá, bhí sé ag gol agus ag gárthaighil, agus ag strócadh an uair sin féin, ag iarraidh fanacht ins an mbaile. Ach cuireadh ann in aghaidh a chos é. Dheamhan fear a chuaidh go Meriocá ariamh is fhearr a rinne cúis ná é. [Meas-tú an dtaobhóchadh sé anall anois. Baoghal beag air. Is dóigh nach mbreath-nóchadh sé anois ar dhaoine dona. Nach bhfuil mac leis in a bhreitheamh adeir siad.] Dubhairt an té adubhairt é agus diabhal focal bréige a rinne sé: an rud is doilighe le duine ná a bhás, dheamhan a fhios aige nach hé clár a leasa é / An rud is doilighe le duine ná a bhás cá bhfios dó nach hé lár a leasa é. [Is minic a chuala tú ariamh é. Ba shin é a fhearacht ag Brighid é. Bhí a muintir ag iarraidh a cur soir tigh J. Ph., agus bhí gráin an tsaoghail aice air, arae bhí sí "ag comhrádh" le mac a bhí annseo thiar ag C. Ní Ch., agus 'séard a bhí sí féin ag iarraidh a dhéanamh éalughadh leis go Meiriocá. Ach fuair a muintir amach uirre é, agus th'éis go leor anonn agus anall chuaidh sí tigh J. Ph. Níl aon-bhean ins an taobh seo go Gh. indiu atá in a suidhe cho te léithe. Tá deis agus talamh aice. Tá postaí ag a clann. Déarfá go raibh an t-ádh uirre ceart. An fear a bhí sí féin ag iarraidh a phósadh, marbhuigheadh i Meiriocá é leath-bhliain th'éis a dhul ann dó]/ Is minic adeireadh T. — beannacht Dé len' anam — é: níl a fhios nach mar is doilighe is fhearr cé gur deacair a rádh gurb eadh. B'fhéidir gurb é an té nach bhfuil tada aige is fhearr a chruthocadh as deire na cúise, agus go gcaillfeadh fear an tsaidhbhris a mbeadh aige le drabhlás, le imirt nó le mná. Is minic a chaill / Ná fagh locht ar aonduine. B'fhéidir gurb é an té nach bhfuil tada aige indiu a bheadh in a bhó mhór ambaireach. Sin é an saoghal: thíos seal agus thuas seal. Níl a fhios nach mar is dona is fhearr agus is doilighe a rádh nach h-eadh. /[An lá ar phós sé isteach ins an bpriobáinín talmhana sin, déarfá narbh fhiú do sheacht mallacht é, agus go raibh sé ag cur a shaoghail le fán le dhul ag plé leis. Breathnuigh indiu air. Cá'il an priobáinín talmhana. Tá sé in a fheilm agus é féin in a ridire. Is deacair an sean-fhocal a shárú. Níl a fhios nach mar is dona is fearr agus is doilighe a rádh nach h-eadh]/ Tuigim do chuid cúrsaí go maith. Ní thaithnigheann an obair leat agus 'sí do leas-mháthair a thóigfeadh ort é, ach oiread. Ach fan ann go gcastar rud eicínt níos fearr in do bhealach.

[Níl aon-pháighe innte le h-ais Shasana faoi láthair, ach bainfidh tú riar do cháis aisti, agus beidh tú i súile na ndaoine. Cá bhfios do'n té sin? Is fánach an áit a bhfuightheá gliomach. Fan mar atá tú go bhfeicidh tú leat.] Níl a fhios nach mar is doilighe is fhearr, cé gur deacair a rádh gurb eadh. / "Is doiligh liom ná mo bhás na fataí a bheith in a bpráib" = is brónaighe liom, is cráidhte le mo chroidhe, go bhfuil na fataí leaighte le teann brutha, ná dhá bhfaghainn bás [Deirtear "doiligh" agus "lughar" ins an leagan sin. Scéal é a innsighthear faoi fhear a tugadh chuig a chleamhnas féin go dtí teach an chailín óig. Bhí sé balbh agus cuireadh fainic air, ar a bhás, gan labhairt chor ar bith, nó go gcaithfí an cleamhnas in aer, agus nach bhfuigheadh sé an bhean chor ar bith. D'fhan sé in a thost scathamh mór. Cuireadh síos pota fataí faoi dheire agus fágadh thíos é go raibh na fataí ro-bhruithte. Bhí an fear ag breathnú ar an bpota, chuir an bhail a bhí ag dul ar na fataí carghaos air. Ní raibh a sheas-amh aige ní b'fhuide agus arsa seisean: "is doiligh liom (: is lughar liom) ná mo bhás na fataí a bheith in a bpráib"] /[Cé'n rud ba doilighe a fháil ar aonach indiu? = cé'n rud ba deacra (ba daoire) a fháil ar aonach indiu? [Ceist í sin atá in a lán áiteacha. Déarfar leat gurb é a leithide seo d'fhear — fear cráibhtheach eicínt — a chuir ar bhean chuideáin a bhí ag teacht ó aonach í. Freagra gáirseamhail atá uirre: ribe chasta, nó ribe sheabhráin i bpis.]]/ Ná trí obair is doilighe amuigh: iomradh in aghaidh srotha, coisméigeacha fada in aghaidh cnuic, agus tomhais na talmhana in a dhornaí / Is doiligh "hata bán" a rádh leis anois = tá sé eirighthe suas nó ceannasach ins an saoghal; tá sé láidir nó ar chaoi eicínt gur deacair araoid ar bith a chuir air. / Is doiligh eirghe in am ar maidin = is deacair / Is doiligh leis tada a dhéanamh ach an rud a thogruigheas sé féin = níl sé éasc-aidh cur faoi ndeara dhó aon-cheo a dhéanamh ach an rud is mian leis féin /[Is doiligh dó tada a dhéanamh anois agus an aois atá aige = tá sé cho sean sin agus nach bhfuil láthar na h-oibre ann níos mó / Ní doiligh bleid a bhualadh uirre chor ar bith. Ma bhuailinns (: bhuailir) beidh sí agad ar sheol na braiche / Ní doiligh cur chuig mo leithide-sa. Tá mé buailte suas ó Dhia agus ó'n saoghal anois / Ba doiligh cur chuige ná uaidh lá de'n tsaoghal, ach d'imigh sin féin. Ní hé an oiread sin omóis atá dhó indiu thar duine ar bith eile]/

[Féach deacair i gcóir somplaí eile de "doiligh"]

Driopás = ainm-fhocal, fireann, tuiseal geineamhnach uathaidh — driopáis.
Driopás = an-deifir, forú, uathbhás, scanradh, súnás [Ní baileach gur deifir é. Bíonn imní nó faitíos i gceist cho maith le deifir. Níl sé mórán igCois Fhairrge chor ar bith, ach tá sé an taobh siar, isteach Bun na gCnoc tórainneach le Cárna agus le Dúithche Sheoigeach. Chuala mé go minic é agus an t-aidiacht cho maith]

Tá driopás air / Tá driopás an tsaoghail anois faitíos nach mbeidh sé in am ag an siamsa / Ní fhaca mé an ceann céadna ariamh nach mbeadh bun a anama amuigh le driopás. Mura bhfaghaidh sé an bhean ins an móinfhéar roimhe in éadan an fhéir, cuirfidh sé na diabhail de'n Chruaich /[D'fhéadfá a rádh go raibh driopás ormsa, arae bhí faitíos orm nach mbéarfadh an sagart uirre beo. Mo chreach mhaidne ghéar tú, is uirre nach raibh an mhairg roimhe: in a suidhe suas ag ithe bruithneoige di féin as an ngríosaigh. Cuirfidh sí fód orainn uiliog fós. Ach má mhaireann di le na h-ualaighe siúd, ní bheidh deoir ar bith ola ag an sagart, 'nuair a theastóchas an ola a dhul orainne]/ Bhí driopás air ag imeacht, agus níor mhór dhó fhéin go raibh. Dhá mbeireadh sé siúd air agus é speidheartha, ní changlóchadh sé aon-fhata len a mharthainn, agus diabhal leath an chirt a bheadh aige leis, mura gcangluigheadh fhéin / Cé'n sórt driopás atá ort. Mhall Dia an deifir, adeir siad. Glac go réidh thú féin. Beidh móin ann in diaidh ar mbáis! / Is mór an t-iongnadh go n-itheann sé greim ar bith le driopás. Shílfeá nach mbíonn breith bonn báis aige nó go mbeidh sé ag obair. Dheamhan mórán dhá shlacht air, ní dhá roint leis é! /

Driopásach: aidiacht as driopás = a bheith ag imeacht le deifir; le forú agus rl.

Nach driopásach an mhaise dhuit é agus an ghrian idtalamh. Déanadh tusa do rogha rud, ach tá a fhios agamsa céard a dhéanfas mé féin: scuireadh / Is beag an tsamh-aoine a bheith driopásach mar sin. Is mó a bheadh déanta ag an té a ghlacfadh an saoghal go réidh ná é. Bíonn sé ag iarraidh dhá obair nó trí a dhéanamh in éindigh. /[Is maith driopásach a d'ól sé a phionta. Shílfeá gurb í an taoille a bhí ag teacht air, leis an deifir a bhí amach arís air. Faitíos a bhí air go gcasfaí aonduine isteach agus go mbeadh air seasamh]/ Is driopásaighe é ná P. R. a bhí annseo fadó. Ní leigeadh an driopás do Ph. R. a bhróga a dhúnadh nó go mbeadh portach móna gróigthe aige. In am dinnéir a dhúineadh sé iad: leath-láimh ag ithe agus leath-láimh ag dúnadh. Sin é a fhearacht aige-san anois é / Is driopásaighe é ná sean-fhear ag teacht abhaile ag cailín óg a mbeadh sé pósta léithe. Bíonn imní ar an sean-fhear i gcomhnaí go n-imeochaidh an cailín óg le fear eicínt eile! /

Dris = ainm-fhocal; buineann; iolraidh = driseachaí; driseannaí
Dris = fás deilgneach, coiligneach a imigheas le talamh go h-iondamh-
ail nó in a crígheannaí. (Briar, bramble)
Dris-fhireann: dris mhór reamhar agus deilgne móra uirre. Bíonn bláth
uirre ach ní fhásann tada uirre. "Biadh" uilig a bhíos istigh innte. Níl aon-
mhaith innte le h-aghaidh gadrachaí ná ursachaí (: iriseachaí). Críonann
go leor aca ach a mbíonn siad cupla bliain ann. Is furasta leo a
dhul ar gcúl.
Dris bhuineann — an dris chaol agus gan deilgne cho mór uirre leis an gceann
fireann. Is uirre a bhíos na sméara. Is cineálta í ná an dris fhireann
Dris-chasáin: dris ar bith agus a dhá cheann ins an talamh.
Dris choille (cf. driseachán)

Tá driseachaí as éadan ann / Tá sé faoi dhriseachaí uiliog / Tá an tsáinn
siúd ar fad faoi dhriseachaí. Chairthigh siad amach ann le blianta beaga
anuas, cheal a mbainte /[Níl aon-gharrdha ag gabhail linn nach bhfuil lom-
lán le driseacha]/ Níl rud ar bith dhá bhfuil ag fás nar chuir Dia maith
eicínt innte. Má's í an dris féin í, déanfaidh sí ursachaí agus gádrachaí
agus simléir agus bonn cruaiche. Diabhal mé gurb iomdha rud a dhéanfadh sí
dhá gcomhairtheá suas anois é / Dhá bhfaightheá dris roighin fhireann, 'sí
a dhéanfadh ceart é. B'fhearr í ná maide. Le driseachaí a thugadh muid
amach na bruic uiliog fadó /[Tá sé ag baint driseachaí le h-aghaidh
bonn cruach choirce]/ Dhá bhfaighteá crígh a mbeadh driseachaí stalcán-
ta innte 'siad a d'fheilfeadh duit faoi chomhair an tsimléir. /[Bhí
mo shean-athair ag teacht abhaile oíche Shamhna fadó. Tháinic an púca faoi
annsin thiar i nG. Bh. D'árduigh sé leis é agus níor chomhnuigh sé gur
chaith sé isteach i gcrígh driseachaí é thiar faoi'n bP. (féach crích) /
Tá an garrdha gleannach anois in aon-charra amháin driseacha. Chonnaic
mise an t-am nach raibh aon-dris ag gabhail leis, ach a mbíodh sé
saothruighthe 'chaon tríomhadh bliain. Ach leig an fear seo atá ann anois
i léig é. Is maith an stócáil nar mhór a dhéanamh ann anois, le go
bhféadfaí a chur]/ Níl aon-ghna aghad an t-aistreán sin a thabhairt ort féin.
Má bheireann na driseachaí siúd ort, ní thiubharfaidh tú falach de do
cheirteachaí slán as choidhchin. Má's cam díreach an ród 'sé an bóthar
mór an t-aithgiorra, a mhic ó. / Níl liobar leathair fágtha orm ag
driseachaí ó maidin. Bhí muid ag fiadach indiaidh coiníní soir annsin /

bhí sé cho maith dhuit a bheith ag caint le dris le bheith ag caint leis = ní thiubharfadh sé aon-áird nó aon-toradh ort; is duine do-chomhairleach é / [Ara ab é sin riu. Bhí sé cho maith dhuit a bheith ag caint le dris len a bheith ag caint leis sin. Níl sé gabhthach le comhairle ar bith. Oibrigheadh sé leis. Múinfidh an saoghal é.]/ Tá paicle amhlóirí annsin thíos agam, agus bheadh sé cho maith dhuit a bheith ag caint le dris len a bheith ag caint leo. Níl ann ach a scaoileadh isteach i gcluais agus amach ins an gcluais eile. Chaith mé eádarshuth indé ag iarraidh a gcoinneál anoir ó'n S. ach mo chreach. Is beag an áird a thiubharfas siad sin ar mo ráidhte-sa /[Go dtugaidh Dia ciall duit! Níl tú ach ag cur do chuid cainte amú leis siúd. Tiubharfaidh sé toradh ort go deimhin. Bhí sé cho maith dhuit go díreach glan a bheith ag caint le dris len a bheith ag caint leis siúd. / An bhfaca tú aon-diabhlánach ariamh is neamh-áirdeamhla ná P. siúd. Bhí sé cho maith dhuit a bheith ag caint le dris le bheith ag caint leis. Chaithfeá uair ag cur caoi ar rud eicínt dó, agus an uair a bheadh sé ceartuighthe ar fad agad, sin é an uair adéarfadh sé: "céard deir tú" / Thug sé soiscéal do'n inghin faoin a bheith ag dul chuig na céilidheachaí, ach mo léan géar, b'fhearr dó a bheith ag caint le dris ná a dhul ag bacadh leis an ainnle bhradach siúd. Baoghal uirre siúd fanacht ó chéilidheachaí]/

Tá tú in do dhris = páiste nó duine cantalach; amhlóir de dhuine; duine a mbíonn údar fuasaoide i gcomhnuí aige, nó a bhíos ag cothú achrainn; déarfaí go h-áirid le páistí go mbíonn siad "cho cantalach le dris", ach duine ar bith atá coilgneach, agus deacair baint nó teangmhachtáil leis, bíonn sé in a dhris (nó in "a dhris-chasáin" scaithtí / Nach hí an dris i gcomhnuí í = cantalach; cho luath agus a bhainfeá léithe nó a dtiocfá salach ar a cúrsaí nó ar a bealach féin, d'eireochadh sí chugad in a coileaichín / 'Sí an dris de ghearr-chaile is measa a chonnaic mé ariamh í. Níl ort ach méirín fhliuch a leagan uirre agus beidh sí eirighthe agad in a stuithneachán /[Ná bain léithe sin chor ar bith. Dris cheart í sin, le araoid ar bith a chur uirre. Chonnaic mé thíos ins an teach an oíche cheana í, agus dheamhan bean ní ba mheasa ná í, an uair a d'iarr a máthair uirre a dhul i gcoinne aistir uisce.
"Breagh nach n-iarrfadh sib é sin" adeir sí shul (dh)ár shuidh mé síos.
Nach mé an truagh-Mhuire agaibh, maidin agus trathnóna." B'fhearr

suidhe síos chois na teine ag breacadh a luirgne ná eirghe suas ag déanamh a gna / 'Sé an dris chéadna ag amhlóireacht i gcomhnuí é. Ní raibh ann an trathnóna faoi dheire ach gur thug budóg le P. Mh. sracadh thar claidhe in a chuid coirce, agus thosuigh sé ag gabhail le buile. Cé'n brigh dhá mbeadh foghail déanta aice, ach ní raibh /[Sheas mé oíche ar a cois thiar ag céilidhe tigh T. Ph. agus dhá bhfeictheá an strainc ghangaideach a tháinic uirre. Is mó dhá fhonn a bhí uirre shílfeá, mé a ionnsuidhe. Siúd í an dris chantalach. Is aoibhinn do'n té a dtiocfaidh brat pósta air léithe. / Bhí an dris chantalach sin thiar ag an S. ann, agus gan neart ag duine breathnú cam air nach mbuailfeadh grúaim é. Siúd é an diabhal a dteastóchadh an druimeáil uaidh go géar. Gheobhaidh sé é muis má choinnigheann sé na tighthe ósta taithighthe as seo go Nodlaig. Tá dream a bhí i Sasana ag dul tímcheall anois agus goin orra ag tóruigheacht achrainn]/ 'Ar ndú, ní fhéadfadh aonduine aon-cheo a iarraidh ar an dris bhradach sin. B'fhéidir go bhfuightheá leat é ar sheol na braiche ach níor dhóighide sin, ná é a dhul in do phíobán, dhá n-eirigheadh leis múisiam ar bith a bheith air ach a ngabhthá aige /[Tá tú in do dhris chantalach annsin ar leic an teallaigh ó mhaidin agus gan goir ag aon-duine eile an teine a thaobhachtáil agad. Is óg atá tú ag tabhairt droch-fhaisean faoi deara duit féin. Má leanann duit, caith-fear an teach a fhágáil ar fad fút féin. Ní bheidh aon-ghoir ag aon duine eile seasamh leat. Diabhal goir muise]/ Diabhal bréag nach dona an áit a bhfuil a chosa dhá thabhairt. Ní dhéanfaidh sé morán tigheachais leis an dris sin. Ach ní fiú biorán í le h-ais na máthar. Ach a dtosuighidh an bheirt aca ag gabhail dó, is fear réidh é … Ní phósfainn í, dhá bhfaghainn dúithche an C. bronnta orm léithe. / Ara dris de chantalóir a bhí ann 'chuile lá ó rugadh é! Deile. 'Ar ndú an uair a bhí muid in a (: ar) mbrighthín (: bithin) óg fadó, agus muid ag caitheamh dairteachaí le chéile ar na portaigh th'éis an dinnéir, mo chroidhe ná raibh ag an diabhal go spréachfadh sé dhá mbuailtí scrath air. / Diabhal cailleadh ar bith ar an bhfear ach maidir léithe féin dris fhireann í. Ní bhainfeadh Eire bheag ná Eire mhór aon-cheart di … Tá sí spleádhach go leor mar sin ag dul an bóthar, ach féach léithe é go bhfeicidh tú. Sin é an uair a gheobhas tú le léigheamh é. / Is geall le dris fhireann

é tá sé cho coilgneach sin. Is deacair é siúd a bhearradh aon-uair. Sceannadóir ceart é. Rud ar bith nach bhfeilfidh dhá bhealach féin, níl aon-ghoir agad a shamhlú leis. Má shamhluigheann beidh rud ar a shon agad / An dris fhireann fhéin níl sí cho crosta leis, an uair a bhuaileas an óinseamhlacht é, agus buailfidh sí sin é 'chuile uair a gcuirfear triompán ar bith air féin … [Nach bhfaca tú anuiridh an uair a chuaidh an baile ag baint na feamuinne duibhe ar an Oileán. Bhí sí faoin a mhullóig aige-san le ceathair nó cúig de bhlianta roimhe sin, ach ní raibh aon-bhaint aige di ach an oiread leis an té nar rugadh, ach nach raibh aonduine ag dul in a barr air. Ach ar an dá luath agus a ndeacha an baile fré chéile dhá baint, bhí sé i gcruth a cheangail a mhic ó.]/ Tá sé cho cantalach le dris = tá sé an-chantalach, an-chrosta ar fad. Ní féidir ceart a bhaint dó ach ag gol agus ag gárthaighil agus ag dul le cuthach / An uair nach mbíonn sé ag ámhuilleacht bíonn sé cho cantalach le dris. [Tá naonbhar aca oilte anois agam, ach is mó an t-anró atá faighte agam uaidh seo ná ó'n gcuid eile ar fad, bail ó Dhia orra fré chéile. Ní theagann iabh air ach ag amhlóireacht ó mhaidin go faoithin agus ó oíche go maidin]/ Chinnfeadh ar chailleach éisc aon-cheart a bhaint di siúd. Bheadh sé fánach aice. Tá sí cho cantalach le dris. /[Is maith an chiall agamsa é má sin é do scéal. Cúigear aca agam agus 'chaon duine aca ag baint fearr a's barr de'n cheann eile. Tá siad cho cantalach le dris. Tá fhios ag mo chroidhe go bhfaghann siad an tslat scaithtí, ach má fhaghann féin is beag an mhaith sin. Bíonn siad cho dona ar an toirt aríst agus a bhí siad ariamh / Má tá siad cho cantalach le dris muis ní fhaca muide mórán dá gcuid cantail, agus bhídís isteach agus amach againn 'chuile oíche le bliain. Feicthear domsa nach bhfuil cor ná car ionnta. / Ní shead-óchaidh cailín ar bith ins an teach sin. Cé an chaoi a bhféadfaid -ís: paicle pháistí ann atá cho cantalach le dris. Nach bhfuil an mháthair féin thar bharr a gcéille aca, ní air-ighim cailíní. I leabaidh a bheith dhá ngriosáil an fhad agus a gheobhthaí teas in a gcraiceann / Ní raibh mac an aoin bheo istigh ar an mbaile sin ariamh nach raibh cho cantalach le dris. Is agam-sa atá a fhios sin ó'n am a mbínn in mo bhuachaill ag M. S. Marach cho maith agus a bhí mé ar mo mhaidí, is minic a gheobhainn

daithte é. Faltanas ar bith dhá mbíodh aca do Mh. S. ormsa a
d'idighidís é, ingeall go mbadh mé ba mhinicí a chastaí in a mbealach.
/ Dá mbeadh sí cho cantalach le dris, bainfear ceart
di annsiúd deirimse leat. Tá an phrioc de mháthair atá annsiúd
indon coc achrainn a choinneál len a rogha duine. Agus deir siad nach
gcoinneochadh sí coinneal do'n inghin. Caile cheart í sin. Agus 'ar ndú
an splíota de mhac siúd ann, chuirfeadh sé dhá chrích Mhuire thrín a chéile.
Meas tusa nar mhór do bhean a chasfaí isteach in a lár
sin a bheith in a h-amhus críochnuighthe leis an gceann is fhearr
a fháil orra sin]/ Bhí tú faoi dhris anocht = duine a mbeadh rith sonais
air i gcártaí nó a mbeadh buadh imeartha aige, déarfaí seo leis.
Deirtear nach mór a dhul isteach agus amach fúithe — faoi dhris chasáin
— in do chraiceann faoi thrí, agus roimh ghréin. Ní bheadh cinneamh
-aint ar bith ort ag imirt chártaí an uair sin / Diabhal an féidir go
bhfuil siad cluiche aríst. Chuaidh sibh faoi dhris uair eicínt roimh a
theacht isteach daoib / Is leo aríst — is leo a mh'anam. Chuir sib an
nathair talmhana ionnta; sin nó chuaidh duine eicínt agaibh faoi dhris
trathnóna. Ach dhá dtapuighinnse mo ghna, bhí sé fánach agaibh an
cluiche sin a ghnúchtáil (: gnothachtáil). Bhí mise ro-roighin ins an tabhairt.
Sin é a d'fhága mo chosa nighte /[Tá buadh imeartha againn
anocht ach d'eireochadh dhuinn. Chuaidh mo pháirtidhe — P. annseo —
faoi dhris annsin thíos, i Logán an Fh. shul dhá tháinig muid
isteach. Ní bheidh aon-oíche beo feasta nach ndéanfaidh
duine againn an rud céadna. Is maith sportha a bhéas
sib faoi Fhéil Pádraig seo chugainn ach a gcaithtear suas
na cártaí]/ Ní chinnfeadh Cearrbhach na Súgán orra seo
anocht. Tá siad ag dul cluichí fútha agus tharta. Faoi dhris
a chuaidh na h-ealadhantóirí sin /[Ní raibh mórán call do
dhuine a bheith faoi dhris le gnothachtáil annsin anocht.
'Ar ndú' na h-imreoirí a bhí istigh níorbh fiú cnaipe gan
chos iad. Dheamhan cúig ná cárta a gheobhaidís dá mbeidís
ag an gclár go ceann míosa. Ag caitheamh mámh ar bith
a fhaghas siad idtraipisí. Sin é a ndeis ó a tháinig
oíche]/ Mara ndeacha tú faoi dhris tá easarluigheacht eicínt
agad le na cártaí. Cé'n t-ádh atá ort go dteagann cóisir

mhámhasaí agad i gcomhnuí agus 'chuile dhuine eile feidheartha. Bí ins an áirdeall air annsin a Sh. faitíos a gcuirfeadh sé scailp ionnta. Puc amach iad /[Deir siad idir shugradh agus dháiríre go ndeacha M. faoi dhris. Chonnaic cuid dhíob sin soir é dhá dhéanamh — siar ins na taltaí gleannacha siúd ar chúla an tighe. Hébrí céard a rinne sé nó nach rinne (: ndearna), níor bhuach aon-duine ariamh air. An uair a shuidhfeadh M. isteach ag clár na h-imeartha, b'fhearr do 'chuile dhuine eile an uair sin eirghe uaidh. Ghnothóchadh sé ar Rí na Méaracán. Is minic a chonnaic mise é]/ Tá muide ar an mbun chreidim. Ach mara dteigheamuid fhéin an cluiche ní leigfeam-uid an bun amach, agus beidh geábh eile air. Bainfeamuid deatach asaibh annsin. Is muid atá deas air! Chuaidh muid faoi'n dris anocht. Tá ádh imeartha orainn /[Nar thugaidh tú do láimh glan ó do thóin leat ná do thóin ó na driseachaí! = déarfaí le duine é a gcuirfeá mámh faoi agus a bhuailfeadh ort é, go h-áirid dá mbeadh sé tráthamhail i gcomhnuí ag bualadh mámh ar foghnamh ort]/[Nach tráth -amhail go gcaithfeá mo dhó beag a chriogadh. 'Chuile uair dhá gcuirim mámh ar bith anonn agad, 'sé an díol céadna a thiubharfas tú air. Nar thugaidh tú do láimh glan ó do thóin leat ná do thóin ó na driseacha!]/[Nar thugaidh tú do láimh glan ó do thóin leat ná do thóin ó na driseachaí le caoi a chur ar mo mhámh breagh! Caithfidh mé athrú le mo pháirtidhe go mbeidh mé romhat annsin, agus gheobhaidh tú cothramacan síne na h-uaire uaimse annsin. Ní leigfidh mé an mámh féin thar mo dhorus gan snaoidhm a thabhairt dó / 'Bhfaca tú an iarraidh a thug an bitheamhnach do mo chuileata. Nar thugaidh tú do láimh glan ó do thóin ná do thóin ó na driseacha leat, maran tú atá tráthamhail le do ghadhar i gcomhnuí. Cé'n bhrigh ach mé taobh léithe. Chaithfeá, mo léan, a dhul ag fiachadh orm. / Nach mé atá sáiththeach ab eadh? Ní dheachaidh mé fút fós anocht nar thug tú an buille feill dom. Nar thugaidh tú do láimh glan ó do thóin leat ná do thóin ó na driseachaí gan dochar gan díoghbháil do mo chuid cártaí-sa!]/ Tá an lá ins an gclaidhe agus an claidhe ins na driseachaí (fc. claidhe) = droch-lá báistighe / An dá rud nach gcodluigheann chor ar bith: dris-chosáin agus eascon. Is cuma cé'n t-am d'oíche ná de ló a ngabhfaidh tú thart, bíonn an dris-chasáin in a dúiseacht:

truisleálfaidh sí thú. / Bíodh a fhios agad gurb shin fírinne muis.
Ní rug aon-duine ariamh in a codladh ar eascon: I lár an mheán-oíche
beidh sí in a dúiseacht. Agus 'ar ndú mo léan, leagfaidh an dris-
chasáin thú uair ar bith d'oíche ná de ló a dtiocfaidh tú
thairti. Tuige nach leagfadh, agus a dhá cheann ins an talamh / Tá
sé in a dhris-chasáin = duine cantalach crosta; duine a bhíos i
gcomhnuí ag déanamh triompáin nó obstaic duit, nó ag cur
bacainne ort / Nach hí an dris-chasáin i gcomhnuí í = nach hí atá
cantalach. Tá sé i gceist annseo go bhfuil a cuid cantail ag cur
triompáin ort agus do do bhacadh faoi do chúis a chur i gcrích / 'Siúd í an dris-chasáin
i gcomhnuí. Ar an toirt agus a n-iarrfaidh tú tada uirre buailfidh cantal
ar an toirt í, agus tá sé cho maith dhuit eirghe as annsin / Ag an
diabhal go raibh sé marab é an dris-chasán i gcomhnuí é. Cantalóir bradach
a eireochas 'un droch-mhúineadha leat ar an bpuínte. Níl aon-ghoir
ag aonduine tada a dhéanamh in a thímcheall sin. Nach mbainfidh sé an
mhaith as 'chuile shórt dá mbeidh fút a dhéanamh, lena chuid glamhóide /
[Ní fhaca muid ariamh í nach in a dris-chosáin a bheadh sí an uair a
thiocfadh an crudh ar an tairnge. Bhí sí thoir annsin an oíche sin
— oíche chleamhnais — agus ní raibh sí sásta leis an bpósadh, agus ní raibh
sí sásta an cleamhnas a chaitheamh in aer; agus ní bheadh a fhios ag aon-
duine faoi na bruit céard ba chor di, nó céard a dhéanfadh sí /
Sin é an dris-chasáin má fhéadann sé tada a chur as daoib le
amhlóireacht agus glaodhmaireacht. Ach ná tugaighidh áird ar bith air. Beidh sé
ar an gceird sin le sib a chur dhá (: bhur) mbuille. 'Sé a mbeadh uaidh, dhá
bhféadadh sé sib a chur ar gcúl / Níor shíl muid tada a dhéanamh ar an
mbaile ariamh nach mbeadh sé sin in a dhris chasáin i gcomhnuí romhainn.
An uair a d'fhéach muid le na dá ghabhaltas a thabhairt d'aonduine amháin
annseo, ba mhór leis go mbeadh an méid sin maitheasa orainn, agus chuaidh
sé d'aon-úaim ag cur suas le P. a chuid féin a choinneál. Anois
aríst an uair a bhí an tsean-bhean ag teacht againn, ba mhór leis
na deich scilleacha duinn agus chuaidh sé siar do mhaol a mhainge le droch
-cháil a thabhairt orainn di. Nar agruighidh Dia air é. Ní fhéadfadh
muide a bheith buidheach dó ar chaoi ar bith. / 'Sí Sasana
an dris-chosáin. 'Deile. Go mbuailtear Sasana, ní fheicfidh tusa
aon-lá suaímnis ar fud an domhain. An bhfaca tú aon-lá ariamh

nach ag ollmhuchan scléipe a bheadh sí. Agus gheobhaidh sí na h-amadáin annsin ar fud an domhain len a tárrtháil an uair a bhéas sí i dteannta. Níl agad ach breathnú uirre. Cé na fir fabhairne atá aice indiu … / Nach maith a chaithfeadh M. a bheith in a dhris-chasáin. Ní fhéadfadh sé a theacht le comhar cho maith le duine. 'Chuile lá ariamh ba shin é a bhealach. An uair a bheadh 'chuile dhuine sásta a theacht suas ar aon-fhocal amháin, chaithfeadh seisean a scéal féin a bheith aige. Ar chuala tú ariamh é: fear i mbaile nó baile i bparáiste]/ Bhí an cine céadna — Cloinn Mhac C. — in a ndris-chasáin ar mhuintir an bhaile seo ariamh.
Ní raibh goir aca a dhul siar nach mbeidís eirighthe rómpa le dual na druinne a bhualadh orra, agus ar an gcóir chéadna dá dteighidís soir idir ord agus inneoin /

Deir siad go bhfuil driseoga na caorach ar an bhfás bliana is mó le fáil ach dris na coille (fc. driseachán, driseoga)

Drisín, Driseog = dris bheag. Tugtar driseoga in áiteacha ar dhriseacha, agus driseog ar dhris (Achréidh — áiteacha ann). Fc. driseach-án.

Driseach, Drisíneach, Driseogach = aidiachta as dris, driseog, drisín.

Driseach, driseogach = áit a mbeadh driseachaí ann.

Drisíneach: cantalach, coilgneach, oilbhéasach, crosta, olc.

[focal cuingir le cantalach nó ar a aghaidh féin]

Áit an-driseach (driseogach) é / Tá an ruta sin siar dubh-dhriseach. Breaclachaí agus crígheannaí ar fad é / Tá sé achrannach driseach. Badh é mo chloch neart é mo bheanna a thabhairt liom as chor ar bith / Sin é an áit a bhfuil tabhairt-amach na mbroc ins na clochair dhriseacha sin siar. Rinne muid an-sladadh orra anuiridh ach tá an áit beo leo arís. Ní féidir a gcoinneál ídighthe / Tá creigeanna driseogacha annsin thíos agus tá siad lom-lán le sionnaigh. Bíonn daoine ag loscadh leo 'chuile lá ach má bhíonn féin is beag an mhaith sin. Tá na na sionnaigh sin an-bhiseamhail, ach an oiread lena coiníní / Talamh driseach atá aige fré chéile. Dá nglan-taí é siúd agus na driseachaí a tharraint as na lúdrachaí, dhéanfadh sé togha talamh cuir. Ach mo chreach mhaidne, ní réidhteochaidh sé siúd é / Tá sí cantalach drisíneach / Tá clann aige agus clann atá cantalach drisíneach. 'Séard a bhí le déanamh leo na scairteachaí a bhaint asta len a mbuailfí orra. Ní shuaimhneochaidh tada eile iad / Is iad is drisínighe chantalaighe dhá bhfaca mise ariamh. Níl aon-mhaith a bheith dhá mbualadh. Tá an oiread buailte orra agus a mharbhóchadh múille ach cé'n mhaith sin. Níl aon-tsuaímniú indán dóib ach suaímniú amháin: 'chaon nduine aca a chur in ísle-bhrigh le droch-iarraidh / Ní bheadh aon-ghoir agad é sin a thabhairt in áit ar bith tá sé cho cantalach drisíneach sin. B'fhéidir gur tosuighe ag gol agus ag gárthaighil a dhéanfadh sé agus thú a náiriú. Ní bheadh sásamh ná séanadh air mara dtugainn chuig an Aifreann é Domhnach annseo imbliana, agus ní cheideonainn ar a bhfaca mé ariamh é an uair a bhí sé déanta agam. D'áitigh air ag blaodhach agus ag blaidhriúch, gur thug sé aghaidh an tseipéil orm. Ní thiubhrainn deoir fhola le náire / Is beag an dochar dhóib a bheith thar bharr a gcéille féin má bhíonn an t-ál siúd atá aca cho cantalach drisíneach i gcomhnuí agus a chonnaic mise. Ba "show" iad an oíche a bhfaca mise iad. Bhí siad i gcruth an teach a thógáil dá lúdrachaí 'chuile phuinte. Mo choinsias bhí faitíos orm ins an deire fanacht istigh chor ar bith. /

Nach diabhaltaí drisíneach atá sí anois, a bheith ar an gceird sin ar feadh na h-oíche. Shílfeá go mbagróchadh duine eicínt uirre, ach chreidim gur beag an mhaith bagairt uirre. Dhá ndéanthá ní bheitheá ach ag borradh léithe. Is aoibhinn do'n té a gheobhas í dar fiadh / Marach cho drisíneach agus atá M. is iomdha fear a thiubharfadh amach ag damhsa í, ach níor dhóighide cleas di dhá dtugtaí, ná tosuighe ag léigheamh ar an té a thiubharfadh amach í. Sin nó pus cho fada le ráithe an earraigh a chur uirre féin ar lár an urláir. Dar príosta ní thiubharfaidh fear ar bith amach í ar chuntar de'n tsórt sin / Beidh sé in a árd-cheann amach annseo agus cho drisíneach agus atá sé cheana féin. Bhí muid thíos ann an oíche cheana agus bhí sé ag ealadhain le slat-mhaide a bhí aige agus fhobair ná gur bhain sé an tsúil as M. B. leis, hébrí cé'n sórt sníomh a bhí aige air. Rug an mháthair ar an maide len a bhaint dhe, agus ba é an droch-pheata é. Thosuigh sé ag gabhail ingeallta a mhic ó, agus ar éigin a cuireadh foighid ar bith ann an uair nach bhfuigheadh sé cead a chomh-airle féin. Nach gceapfá go bhfuil sé sin drisíneach! / Nach drisíneach an mhaise dhuit é riu. Fear buile gan bríste! Is mó go mór an bhrath atá agam liúradh buailte a thabhairt duit leis an taghdghail sin a bhaint asad. Gheobhaidh tú é dhá fhada go dtí é, agus má fhaghann féin ní bheidh leath an chirt leat / Duine drisíneach mar sin, níl agad ach é a bhualadh d'aon-iarraidh. Sin nó leigeann dó ar fad. Maidir le bheith ag cothuigheacht achrainn leis, ní bheidh tú ach dhá spreogadh tuilleadh. Nach bhfeicim annsin thíos é 'chuile lá ins an tseachtain … /

Drisínteacht: ainm-fhocal, buineann, freagartach do'n aidiacht drisíneach. (fc. drisíneach). ["drisíneacht" — scaithtí]

Ní scarfaidh an drisínteacht léithe siúd go scarfaidh an ball dubh leis an bhfeadóig. Ghreamuigh di a bheith drisíneach. Ní raibh mórán gaisce ar a h-athair féin go ndéanaidh Dia grásta air / Má's cúrsaí drisíneacht' é, níl duine ar bith cho drisíneach leis an amhalóir de ghasúr atá aice féin. Chloisfeá thiar adtuaidh ag screadach amanntaí é. Amanntaí eile, tosuigheann sé ag diabhlóireacht, agus do pháiste cho h-óg, dar príosta 'sé atá deas air.

Drillín = ainm-fhocal; buineann; uimhir iolraidh drillíní

Drillín (dʼrʼiɫʼīnʼ : drithlín?) = driog, saighead, ga, creaithtí, "meanaí", driúillín, múnóg nó braon beag alluis, fola agus eile (níor chuala mé leas dhá baint as ach is an iolraidh; cé's moite de'n uair uair a mbíonn allus, fuil, nó a leithidí igceist).

Tá drillíní fuaicht ag dul thríom = drioganna, saighdeanna nó creaithtí fuaicht / Tá mé deallruighthe. Níl aon-phuinte ó a tháinic oíche nach bhfuil drillíní fuaicht ag dul thríom. Breagh nach gcuir-eann sib síos dabhach mhaith de theine? /[Tá drillíní eicínt ag dul thrí mo chois, maran iasc beo é. Sin nó drillíní fuaicht / D'aireochthá drillíní ag dul thríot féin leis an gcodladh driúillic sin. Deir siad gur h-olc é, dhá bhfaightheá buille 'san gcois agus é ort / D'ól mise feánnach poitín thuas ar bhainis inghean Ph. agus chaith mé cheithre oíche ar neamh-chodladh dhá bharr. Níl aon-phuínte dhá mbeinn ag tuitim in mo chodladh, nach n-aireochainn drillíní ag dul thríom, agus dhúiseóchainn suas agus dheamhan tionúr a thuitfeadh ar mo shúil go lá aríst. Níl aon-duine dhár theangmhuigh sé leis nachar eirigh an cleas céadna dhó]/ Ní airighim tada thíos san áit a bhfuil an lot anois. Tá an phian bodhruighthe uiliog ann. Ach tá drillíní an tsaoghail mhóir thuas annseo in mo cheathramha agus suas in mo thaobh /[Tá drillíní seaca in mo chuid fola. Ní hé a mhalrait atá ann. Tá sí ag reodh nó diabhal eicínt. / Chuaidh drillíní gliondair thríom ar an dá luath agus a bhfaca mé é. Ba bheag an dochar dhom agus nachar leag mé súil air cheana le h-ocht mbliana déag — h-ocht mbliana déag go lá Fheil' Muire seo chugainn ó d'imigh sé]/ Gabhfaidh drillíní faitís ann ach a gclois -idh sé an scéal sin déarfainn, agus go dteighidh cheana! Dheamhan mórán scéil an ceann céadna / Chonnaic mé an sonda romham ar an mbóthar agus méid bó ann. Nár leigidh Dia go gcuirfinn bréag air, cé brí céard a bhí ann! Ach bhí rud eicínt ann. Nuair a chuaidh mé cho fada leis an áit a raibh sé dheamhan toirt fiadh na fionnóige a bhí le feiceál. Chriothnuigh mé is 'chuile mhíle ball ag gabhail liom, agus chuaidh drillíní faitís thríom. Rinne gruaig mo chinn slat-achaí, agus bhí an fuar-allus (: forallas) amach thríom ar an

toirt boise. Níl a fhios agam anois ná an uair sin, cé'n
chaoi ar shrian mé aníos go teach é, ach níor thúisce istigh mé
ná a bhí mé tuithte i meirbhthean /[Tá drillíní eicínt in mo
chloigeann, mar ab iad na fiabhrais bheaga atá do mo
bhualadh, an rud a bhuaileadh N. Ph. 'chuile oíche
nach mbíodh tobac aige an t-áirneán seo caithte]/ Pianta fáis
atá is na drillíní sin. Ná tabhair áird ar bith orra. Tá tú ag
méadú fós bail ó Dhia ort! / Bhí mé ag preabadh le drillíní
faitís. Ní raibh a fhios agam cé'n puínte a ngiorróchadh
sé liom le failm de'n tuaigh // Tá drillíní alluis leis = braoiníní.
Ní bheidís mór /[Dhá laghad an méid sin chuir sí drillíní alluis leat.
Is furast' aithinte an neamh-chleachtadh ina dhiaidh sin! Dhá dteag-
thá annseo 'chuile lá is gearr go mbeitheá déanta ar an obair /
Meastú an raibh sé ag troid? Diabhal mé go raibh drillíní fola
leis ag teacht anoir dhó. Ba chosamhail é le fear a bheadh th'éis
fuil a ghlanadh dhá éadan]/ Tá drillíní fola is 'chuile áit
ort. Is geall le stealla t'éadan. Breagh nach ndearna tú
réidhteach leat féin, agus thú féin a bhearradh ceart. An iomarca
forú! / Th'éis cho fuar agus a bhí an lá diabhal mé go raibh corr-dhrillín
alluis leis. Ach ní fhéadfadh an bhruileach siúd gan allus a bheith leis
dhá mbeadh sé ar bogadh indabhach uisce fuair / Deir siad gur
baineadh corr-dhrillín fhola as lá an aonaigh. Ba diachta dhó
mara mbaintí, agus é ag imeacht ag cothú achrainn ar feadh an lae /[Uaidh
seo amach anois, ó thiocfas séasúr na dolaidheachta, feicfidh tú
corr-dhrillín phórtair len a bhéal. Caithfidh sé corr-bhradán asta]/
Pórtar a bhí ann. Nach bhfaca mé drilliní pórtair ar an gceaintín /

Drilleach (: dʼrʼiɫʼəx): aidiacht: geiteamhail, giongach, scéineamhail,
faiteach, scáthmhar, tugtharach dhá bheith ag preabadh agus ag geiteadh,
agus a bheith priaclach. [nervous is na ciallanna atá annseo de'n
fhocal]

Tá an capall sin an-drilleach ar an mbóthar ó'n uair úd ar
theangmhuigh an mótar léithe. Dheamhan uair dhá dteigheann

sí thar an ngiodán sin ó shoin, nach mian léithe baint as. Amann -taí ní féidir a béal a bhaint di chor ar bith / Shílfeá gur duine an-drilleach í. Diabhal mé go raibh gacha le geit agus léim aice annsin ar an gcathaoir, agus go sílfeá go ngabhfadh sí d'amhóig thríd an bhfuinneoig puínte ar bith /[Nach drilleach an mhaise di é. Níl ort ach do láimh a chur in a goire, agus eireochaidh sí de chothrom talmhana ar an toirt. Diabhal an dinglis é ach an oiread. Is iomdha duine a bheadh dingliseach nach mbeadh ar an gcaoi siúd / Is mise a bhí drilleach an t-am a raibh an chóisir bhainseachaí annseo ar an mbaile againn. D'ól mé ionlaoighis phocaide. Ní le linn na mbains -eachaí féin is mó a d'ól mé é, ach bhíodh searrachaí beaga eile ann nuair a bhíodh na ráigeannaí móra thart. An lá th'éis bainis T. Sh. chaith mé féin agus é féin agus M. B. an lá thuas 'sa teach aige ag críochnú tsearróigín a d'fhan d'fhuighleach ó'n oíche roimhe sin. Chuaidh mé síos trathnóna deireannach le gráinne tobac a fháil. Bhí sé in a oíche dhubh orm ag Áirdín an Fh. Diabhal mé gur thosuigh na claidheachaí ag teacht amach rómham ar an mbóthar, agus go raibh 'chuile shonda dhá raibh mé a fheiceál ag baint geit asam. Tabhair fear drilleach orm! Bhí mé tuilleadh agus mí shul a bhí mé agam féin ceart]/ Tá mé an-drilleach anois le tamall hébrí céard atá ag dul dom. Níl mé indon comhnaí a dhéanamh in áit ar bith. Tá mé cho priaclach len a bhfaca tú ariamh agus ní lughar liom an saoghal mór ná a dhul a chodladh 'san oíche. D'fhanfainn in mo shuidhe go maidin, marach leisce a bheith orm daoine a choinneál ó chodladh. Bíonn scáth orm roimh an dorchadas /[Tá an madadh sin drilleach ar fad ó a thosuigh an cuthach sin — na "fits" — ag tidheacht air. Is gearr uaidh ruaig eile dhíob muise. Aithneochaidh tú air é, nuair a bhéas siad ar bheidhil a theacht air. Bíonn sé ag imeacht drilleach ar fud na sráide gan comhnaí a dhéanamh in áit ar bith. Bíonn na súile an-ghlórach aige freisin]/ Tá sé an-drilleach anois má chloiseann sé torann binn ar bith. Is maith a chuaidh an ceaintín dó a chur ar a dhrioball. Thug M. Sh. G. ceaintín amach an lá faoi dheireadh agus thosuigh sé dhá 'sbáint dó, mar dhóigh dhe, go raibh sé ag dul dá chur ar a dhrioball aríst. Well scuab sé mar bheadh glas-mhíol Márta ann! /

Dorugha = ainm-fhocal, fireann, uimhir iolraidh = druifí

Dorugha: [drū; dorū Árainn; drïf ′ī] = (i) corna sreangáin nó ruadhóige a leigtear le rudaí a thomhais — ballaí, iomrachaí, cruacha, claidheachaí agus rl. — nó len a chur leo len a ndéanamh díreach. (ii) corna sreang -áin nó ruadhóige a bhíos ar shlatacha iascaigh nó ar ghliondaí nó ar spilléid i gcomhair iascaigh. Tá an dorugha cloiche, an dorugha luaidhe, agus an dorugha piléir ann (: bíonn na meadhchain sin ar na druifí sin) i gcomhair iascach ar an gcarraig, nó iascach bhallach ar an stupóig, nó ar an meath bhallach, nó i mbáid seoil, agus an dorugha marbh (: dorugha gan meadhchan ar bith) a bhíos le h-aghaidh ronnach, mangach agus rl. ar an stupóig, ar an meath-bhallach, nó ar an meath mhóir. Iascairí a bhíos i gcurrachaí nó imbáid a mbíonn iomradh orra 'sé an dorugha marbh a bhíos aca go h-iondamhail.

Tá sé cho díreach le dorugha = an-díreach / Dhá gcuirthea dorugha leis anois, ní fhéadfadh sé a bheith níos dírighe / Ní mór dorugha le na ladhracha siúd a shocrú agus a tharraint amach / Mara gcuiridh tú dorugha leis, ní bheidh aon-chaoi rathamhail agad air, ná dheamhan caoi / Fear an-phuinteáilte é. Cuireann sé dorugha le na cruacha i gcomhnaí / Seol leat mar sin. Ní fhéadfaidh an dorugha aon-bhréag a dhéanamh. Fágamuid faoi é / Dorugha cloiche a bhí agam. Níor chuir mé an luaidhe sin ariamh suas ar an gcarraig / Dorugha marbh a bhí aige. D'eile. 'Ar ndú' níl tú ag ceapadh gur dorugha cloiche a bhí aige amuigh ar an meath mhóir. Is baramhail an t-iascaire a dhéanfá-sa / An gcreidfeá gur mharbhuigh mise bromóig cheana le dorugha marbh i stupóig Charraig Mh. agus mé ar na mangaigh. Is do-chreidthe an scéal é ach marbhuigh-eas. B'iongantaighe liom féin é ná an sneachta dearg. Fhobair dom rith chladaigh a thabhairt orm fhéin de léim ingeall air / Níl a fhios agamsa nacharb é an dorugha marbh ab fhearr leis an iascach carraige fhéin ar na corachaí domhaine sin. Tugann na clocha go tóin iad, agus dheamhan breac ar bith a chothuigheas na puill dhomhainne sin an tráth seo 'bhliain ar chaoi ar bith. Ag rith idir dhá

uisce go barr cladaigh a bhíos siad // Tá an rud seo as
dorugha (drú) = tá sé as cor; tá sé in aimhréidh; tá ainleog
ann agus rl. (rothar, snáth danra, meaisín ar bith, agus rl.) / Scread
chasta ort! Leig dó ar fad. Is mó atá tú a mhilleadh ná a leasú
faoi. Tá sé as dorugha agad / B'fhurast' aithinte dhuit nuair
a chuaidh tú ag fágáil do rothair aige sin le deasú gur
as dorugha a bheadh sé. Aineolaidhe é sin cho mór liom
féin /[Tá an snáth ar fad as dorugha agad. Tá sé de bheith
ort go gcaithfidh tú rud a mhilleadh i gcomhnaí. Meastú
tuige? / Ara tá an sean-ainsiléad seo as dorugha aríst.
Caithfidh sib a thabhairt ag duine eicínt a dheasóchas é /
Chuir mé isteach oibreachaí an chluig uilig ceart facthas
dom, agus bhí sé ag imeacht, agus aindeoin sin tá sé as
dorugha aríst]/ Diabhal an féidir go bhfuil sé (: peann) as
dorugha aríst ort. Tuilleadh glugair aige! Níl sé ag tál
ceart an eadh? Ní bheadh a fhios ag duine cé'n marach atá
chor ar bith air / Leag sé an simléar sin cheithre h-uaire
agus bhíodh sé as dorugha i gcomhnaí, th'éis a dhichill. B'éigin
dó eirghe as issan deireadh, agus cead a thabhairt do S. a dhul
in a éadan. Má chuaidh féin, níor fhan aon-fhuigheall air 'na dhiaidh /
Cailleadh an dorugha agus an dubháin ort! = [fc. caill, cailleadh]

Dúbhán: Ainm-fhocal; fireann, geineamhnach uathaidh: dubháin. Ainm-
neach iolraidh: dubháin; dúbhánaí i gciall a (ii) agus dúbháin freisin.
Dúbhán: (i) giota iarainn agus é camta agus loiseac agus frídín air, le cur ar
shlat iascach nó ar dhorugha le iasc a mharbhú. (ii) cuid de dhuine, nó
de bheithidheach: kidney. (iii) dubhán ceannchosach: bláth. (v)
dubhán alla: feithidheach: spider. (fc. freisin gath dúbháin, gath).

Is iomdha cineál dubháin ann — dubháin charraige, dubháin locha, dubháin
spilléid, dubháin cheathramhan, dubháin mhangach agus rl. — de réir na
háite, nó an chaoi a bhfuil duine ag iascach (fc. ceathramha, spilléad
agus rl.) / Caithfidh mé cupla glinne a fháil l'aghaidh dubháin /
Bhris sí loiseac an dubháin, bhí sí cho mór sin / Caithfidh mé

glac dhúbáin charraige a fháil. B'fhéidir go gcaithfinn cupla urchar iascaigh ach a mbeadh an Chincís thart / Dheamhan a raibh frídín an dubháin i bhfastós ann chor ar bith, ach choinnigh sé in a dheidh sin é. Níor mhór dhuit sracadh a thabhairt faoi ar an bpuinte nó bheadh sé uait. D'imigh dhá bhromóig ormsa indiu le buille marbh / "Sionnach ar do dhúbhán; girrfhiadh ar do bhaoite
Agus nar mharbhuighidh tú aon-bhreac nó go dtigidh lá Fhéile Bríde" (: caint a chaithtear ag magadh faoi iascairí agus iad ag dul chun an chladaigh. Ní mó ná go maith a thaithnigheas sí le cuid aca, agus an t-iascaire a bheadh pisreogach d'ionntóchadh sé abhaile aríst) / Chuir sé a dhubhán ann = sháith sé a liodán ann = rug sé thall air = d'fhastuigh sé é = chuir sé cluain nó dallach dubh air, nó mheall sé é / Tá a dhubhán aige innte = tá sí bréagtha aige / Seachain a gcuirfeadh an póilí a dhubhán ionnad = an mbéarfadh sé ort / Má chuir M. a dhubhán i gceann an tighe seo, ní fheicfidh tú 'sa mbaile anocht é. D'árduigh sé leis ag céilidhe in áit eicínt é / Breagh ar thug tú cead dó dubhán a chur ionnad. Nach bog a fuair sé thú! / Theastóchadh riar dubháin cheathramhan l'aghaidh na curraighe // Tá a cuid eochraí ar bharr an dubháin aice = tá a cuid eochraí ar an dubhán aice = na h-eochraí atá is an bportán síoda agus isan bportán ruadh, baoiteáiltear dubháin bhallach, agus dubháin eile leo. Bíonn siad dearg agus follasach agus an-tóir ag an iasc orra. Is minic gurb idteanta baoite eile a chuirfí eochraí na bportán: daba dhíob a bhualadh amuigh ar cheann an dubháin go dtiubharfadh an t-iasc faoi deara é. Cuireann iasc cronuighe ionnta ar an meath-bhallach go h-áirid; mar tá go leor fáis ann ar thóin na fairrge. Is dhá réir sin a bhíos a cuid eochraí ar bharr an dubháin ag an iascaire. Ach bíonn a cuid eochraí ar bharr an dubháin freisin ag bean a bhíos ar a mine-ghéire ag iarraidh cluain a chur ar fhir. Bíonn taidhbhse innte má fhéadann sí. Ní cheileann sí slacht ar bith dhá bhfuil innte. Gléasann sí í féin ar áilleacht. Cuireann sí púdar agus smearadh béil agus eile uirre féin / Nach h-í atá gléasta! Dar príosta tá a cuid eochrachaí ar bharr an dubháin aice ar chaoi ar bith. Is miniar (: méanar; mo-ghéanar) do'n té a gheobhas í. Tá maith uirre thar bhean ar bith eile! /

Nach hí an tseoid í! Dar mo choinsias mara bhfaghaidh sí fear níl a fhios agamsa cé'n súisín é. Ní cheal a shaothruighthe é ar chaoi ar bith mara bhfaghaidh. Tá na h-eochraí ar fad ar an dubhán aice ar aon-chor / Ná bac le na puncáin sin. Diúltaigheamuid dóib! Chuirfeadh cuid aca an chluain Mhuimhneach ar naomh. D'eireochadh dhóib, agus a gcuid eochrachaí ar fad ar bharr an dubháin aca / Tá béal sáthach smeartha ar an ágóidín ar chaoi ar bith. Déarfá go bhfuil na h-eochraí ar an dubhán aice. An tsuaróigín! Ach is cuma sin. Gheobhaidh sí fear feicfidh tú féin air. Níl tada eile ag cur síos léithe / Go dtárruighidh Dia sinn! Dheamhan liobar fíonnaigh ariamh ar a mal. Agus is geall le deargadh tiaraighe a béal! Sin í an cailín a bhfuil a cuid eochraí uiliog ar bharr an dubháin aice! Nar theighidh sé 'un tosaigh ná 'un tairbhe di muis, gan díobháil gan dochar duinne / Splanctha indiaidh fir atá an chlann inghean sin uiliog aige. Ó dheamhan buille maitheasa a ghníos siad ó mhaidin go faoithin, ach ag breathnú orra féin i scatháin agus dhá ndéanamh féin suas. Buaileann siad amach ag spaisteoireacht, má's fíor dóib féin annsin trathnóna, agus a gcuid eochraí ar an dubhán aca. Chuala mé nach bhfuil spré ag mac L. seo thiar indiaidh an scaoinn árd sin atá ann. Diabhal bréag nach mbeidh féirín aige muis //

Dubhán ceann-chosach = luibh nó bláth a bhíos ibhféar. Tá sé ag dul i gcosamhlacht le cuid de na sailíní cuach. Pansey nó heartsease é i mBéarla measaim. Tugtar tae maide agus tae an chnuic air freisin.

Dubhán Alla: feithideach nach bhfuil neamh-chosamhail le ciarógaí as a gcolainn, ach go bhfuil h-ocht nó naoi de streilleadhachaí móra fada asta leis an téad a fhigheachán is cosamhail, nó le míoltógaí agus cuileogaí a sháinniú. Tá dhá chuid is an gcolainn féin: cabhail, agus cuid eile amuigh mar a bheadh cloigeann ann. Deirtear gurb iad na dubháin bhuineanna a ghníos na téadrachaí. D'fheicfeá sórt ancoire amuigh aige ar na téada. Bíonn áiteachaí i dtighthe, agus i sciobóil, mara gcoinnighthear síor-ghlanta iad, faoi leabthachaí agus faoi théadrachaí dubhán alla as éadan. Is minic a d'fheicfeá na téadrachaí amuigh ar ghéagáin crainn nó is an bhféar freisin. "Tá an áit ar fad faoi leabth-achaí dubháin alla" adeirtear. Chítear an dubhán alla ag snámh scaithtí. Deirtear an uair sin go gcuirfidh sé éadaighe nua chuig duine.

"Tá an dubhán alla ag snámh. Cuirfidh sé éadaighe nua chugad."
"Éadaighe nua riu! Breathnuigh suas annsin 'sna cúinní fea'int a bhfeicfeá aon-dúbhan alla ag snámh ionnta. 'Sé a chuirfeas na h-éadaighe nuadh chugad. Tá tú asta dhá fhuireasbhaidh." Bíonn dubháin is an uisce freisin: i locháin, i srutháin agus i bhfíor-uisce //

Dubháin, Dúbhánaí = dhá spagán atá induine nó imbeithidheach ar gach aon-taobh de'n chnáimh droma, síos go maith faoi na builg easnachaí. Déanamh caol fada atá orra, agus is ionnta isteach a theigheas an t-uisce as an bhfuil, agus is ann a bhíos sé idtaisce, nó go dteigheann sé thríd an bhfiodán agus thríd an gcolainn. Deirtear go mbíonn clocha scaithtí is na dubhánaí a chuireas docht fuail ar dhaoine. Is minic le daoine, agus seandaoine go h-áirid, a bheith ag fuasaoid na ndubhán. Deirtear gurb olc an rud iarraidh a thabhairt do dhuine nó do bheithidheach ar na dubhánaí. Thiocfadh sí roimhe /

Dubhánaidhe: fear a bhíos ag iascach le dubháin; iascaire.
Is ait an dubhánaidhe thú / Níl cinneadh ar bith leis in a dhubhánaidhe /
Dubhántacht: ag iascach le dubháin; ag iascach; ag saghdadh abhann.
Dubhántacht aimhris nó dubhánacht aimhris: má bhíonn bradáin i linn ag fuireach le leigean a dhul suas ar na h-áthannaí síolruighthe, cuireann saigheadóirí dubháin i bhfastós ar dhorugha, agus caitheann siad amach isan linn é, agus is iondamhail go mbíonn na bradáin ag sníomh agus ar siubhal ariamh ariamh nó go dteigheann dubhán i bhfastós i gceann aca. An dorugha a tharraint annsin, agus an bradán a chur de leathtaobh agus an cleas céadna a dhéanamh in athuair. [Bíonn daoine ar aibhneacha isan oíche freisin agus lóchrainn nó fáideógaí aca leis an mbreac a dhalladh, agus camóg a chur ann annsin, nó breith ar gheolbhach air. Sin dubhánacht aimhris freisin. Níl sin cho tréan anois agus a bhíodh roimhe seo]/
Ná bac len a chuid maitheasa sin ingarrdha. Tá cut crochta roimhe shílfeá is 'chuile gharrdha ag gabhail leis. Dubhántacht, cliabhántacht nó foghlaeracht a bhuac sin. Ná h-iarr aon-mhaith eile air /
[Ní dheárna mé mórán dubhántacht chor ar bith imbliana — fós ar chaoi ar bith. Amach annseo b'fhéidir, ach a mbeidh am agam air /
Chaillfeadh sí thú, an dúbhántacht aimhris sin. Is meathta an cheird í, ag forcabhás ar do dhorughín agus ar do dhubháinín

annsin. An scríobaire an cailín! Sin í nach mbeidh ag dul anonn ná anall leo!]/ 'Sí an dubhántacht aimhris a thug bás dó. Céard eile? An iomarca de'n fhíor-uisce. Nach mbíodh sé thuas ar Linn na mBradán annsin thuas ó oíche go maidin scaithtí, thíos go dtí na ghuaillí annsin agus an fháideoig aige. 'Ar ndú' dheamhan duine beo nach gcaillfeadh an obair sin /[Níl aon-bhradán ann anois, nó má tá 'sé cuid an bheagáin é. Tá siad árduighthe leo ag dream na Gaillimhe le na líonta móra. Cé'n mhaith dhuit a bheith ag caint? Chaith mé dhá oíche anuiridh le dubhántacht aimhris i bPoll na h-Easa. Dheamhan a shúil a thug mé as ach ceann. Agus m'anam go raibh siad ann! Ach ní bhuailfeadh aon-cheann mé. Shílfeá gur fios a bhí aca / Chuaidh mé soir lá ag an gcara 'Bh. Bhí brachlainn aca ann (: bradáin). Bhí píosa dorugha in mo phóca agus cupla dubhán. 'Sé díol an diabhail é, arsa mise liom fhéin, mara dtugaidh mé ceann astaí (: asaibh) le dúbhanacht aimhris. Chaith mé amach. Diabhal mé go raibh mé ag cur sámhais ionnta leis an dubhán, ach ba é a cás céadna é. D'fhan mé annsin. "Má theigheann tú ar meath teirigh ag iascach" arsa mise liom féin. Bhí a fhios agam go mbeadh maor eicínt in mo mhullach gan mórán achair. Diabhal easna dhíom nuair ab fhada liom an fanacht nach bhfaghann gruadhán mór de chloich, agus nach gcaithim amach in a gceartlár í. Bhuail cúpla mé in éindigh …]/ Ná bac le do chuid dubhánacht aimhris, ach cuir an chamóig ann. 'Sí is siúráilte / 'Sí an abhainn sin thiar máithreach na mbradán. Marbhóchaidh tú ar do rogha caoi ann iad: coinleoireacht, dubhántacht aimhris, eangach, camóig, bealach ar bith is túisce agad. Chonnaic mé brúisc ag dul suas ag an gcara Bh. anuiridh. Isteach le péire faoi'n mbruach. 'Sé a raibh orm a dhéanamh mo láimh a chur isteach agus a gcaitheamh aníos. Diabhal ar leig an faitíos dom. Ala in a dhiaidh sin tháinic duine de na maoir aníos le abhainn … /[D'eireochadh staic de bhradán leat le dubhán -tacht cho réidh le bealach ar bith eile, dhá dteightheá dhó mar is ceart. Ach tá daoine ann agus ní bhíonn a ndóthain foighde aca. Bíonn siad ro-uathbhásach. Ní mór leo a gcriogadh de rith agus de léim. Bheadh sin deas go leor, dhá n-eirigheadh leat a dhéanamh]/

Driúcaí = ainm-fhocal; fireann. Uimhir iolraidh: driúcaidheachaí.
Driúcaí: guróir; diuicín; gasúr nó seanduine a bheadh scartha ar
an teine le fuacht; gasúr a mbeadh dioc fuaicht air.

Nach hé an driúcaí é! / Is cuma do'n driúcaí bocht sin céard a
dhéanfas sé. Tá sé ar a leabhar ag an bhfiach dubh. 'Sé an chéad
duine eile é a mbeidh sib ag bualadh fód air / Níl bláth ná
biseach ar an driúcaí de ghasúr sin aige ach ag dul 'un deireadh 'chuile lá /

Dathamhail = aidiacht = slachtar; go breagh; scéimheamhail; snuadhamhail.
Tá sí dathamhail / Bean an-dathamhail í / Tá sí buille dathamhail ach
níl sí sáthach dathamhail aige siúd. Spéir na gréine nach mór dó /
Tá sí dathamhail ach ní ingan-fhios di féin é. Tá sí leitheadach dhá réir /
Is dathamhail go deo an buachaill óg é, bail ó Dhia agus ó Mhuire air / Tá
sí bun-dathamhail, ach nach bhfuil siad uiliog mar sin? / Bean an-
dathamhail í as a ceann aghaidh / Go deimhin muise níl sí dathamhail ná
tada mar é. Tá sí ro-ruadh. Gile na ruadhcha an ghile gan bhuidheachas,
adeir siad / Is dathamhail liom í le bualadh fúithe déarfá / Tabhair
dathamhail uirre! / Dhá mbeadh sí cho dathamhail le Déirdre, ná le Helen
fhéin hébrí cén sórt bean a bhí innte, is beag an mhaith di sin
d'uireasbhaidh an spaigín / Tá culaith dhathamhail ort anois, go
bhfágaidh Dia len a caitheamh thú /[Is dathamhail an t-éadach é
sin, mara bhfuil indán agus go dtréigfidh sé / Tá teach dathamhail
anois aige ach dar príosta ba dathamhail an chrúib airgid a
chaill sé leis freisin. / Sin bó dhathamhail bail ó Dhia uirre, agus tá an-úgh
bhainne aice i gcosamhlacht / Is dathamhail an gearr-chaile d'inghin
atá aige, bail agus beannú uirre! / Is breagh dathamhail an fear a
fuair sí len a h-ais féin. Níl innte fhéin ach suaróigín / "Is minic
gránna geanamhail agus dathamhail dona" = is minic an té atá gránna
go mbíonn sé go lághach síodamhail soilgheasach, agus an té atá
dathamhail go mbíonn sé olc, beag-mhaitheasach, táireamhail
(sean-fhocal)]/ Tá sí sáthach dathamhail ag fear ar bith. Agus tá
cúntanás aice le na daoine rud nach bhfuil ag cuid mhaith dhá
samhail. Is minic, adeir siad, gránna geanamhail agus dathamhail
dona / Cé le'aghaidh a dteastuigheann bean dathamhail uaidh

Dorcha (: durəxə): aidiacht. Ní theagann aon-athrú céime air, ach deirtear "is dorchaí" (: durəxī) amanntaí.
Dorcha: meath-dubh; roint dubhach gan a bheith ro-dhubh; dúnárusach fascamhail, coimhigheach, beag-chainteach, neamh-phléascanta.
[ré-dhorcha fc. ré].

Oíche dhorcha í = dubh go leor gan a bheith fíor-dubh / Tá sí bun-dorcha shílfeá / Bhí sí meath-dorcha go maith ach ní raibh sí an-dorcha / Bhí sé buille dorcha aréir dar príosta / Is maith dorcha é th'éis gur cheart dó gealach a bheith ann. Nachar ceart di a bheith ar fáil / Tá na h-oícheanntaí seo dorcha / Éadach dorcha atá air / Bhí casóig dhorcha "mar sin" air / Cóta mór glé-dhorcha a bhí air /[Ba cheart duit dath a chur air sin a dhéanfadh an t-éadach buille dorcha / Tá an spéir dorcha go maith indiu. Tuairt eile atá air / Tá sé an-dorcha thiar / Tá sé dorcha imbun na gaoithe / Tá sé an-dorcha ar an bhfairrge mara smúit rabharta é / Lá dorcha é. Ní bheadh a fhios agad céard adéarfá leis]/ Tá an bun sin dorcha = an taobh sin [Bun-Dorcha atá ar chnoc ó thuaidh de chaoláire an Lionáin. Bíonn sé dorcha i gcomhnaí, agus lonnuigheann an ceo ar a bharr] /[Teach an-dorcha é. An chaoi a bhfuil sé déanta níl fuinneoig ag gabhail leis ar aghaidh na gréine / Is dorcha an cineál aimsire í / Ní mór daoibh solas. Tá sé an-dorcha istigh annsin / Ól cineál dorcha mar sin é a bhí is an ngloine]/ Ól dorcha é / Súile dorcha atá aige / Tá sé an-dorcha as a cheannaghaidh / Tá sé ag eirghe dorcha = an oíche ag tuitim / Diabhal mé go bhfuil sé indiaidh an h-aondéag anois, ach nach bhfuil sé dorcha fós / Is maith luath atá sé dorcha anocht / Bíonn sé dorcha ag leath -uair th'éis an h-ocht ar maidin anois / Bíonn sé cho dorcha ag an h-ocht a chlog anois agus a bheadh sé ag an dó a chlog 'san oíche / Bóthar dorcha é sin soir / "Sorcha sorcha: polláirí dorcha: leig sí urchar, agus mharbhuigh sí éan" (: rann a bhíos ag gasúr) / Tá sib in 'u' (: bhur) muintir Dhorchaigh = teach a bheadh dorcha cheal solais [b'fhéidir gur magadh focail atá ann. Muintir Dhorchaigh = Darcys. Tomás Ó Dorcaigh (: durəxī) agus rl.] Dar príosta tá sib in 'u' muintir Dhorchaigh. Shílfeá nach mbeadh leithscéal ar bith agaibh anois. Tá dalladh ola le fáil /[In a muint-ir Dhorchaigh atá an tír anois. Ní raibh dé sholais againn igcaitheamh na bliana anuiridh / D'fhéadfá a rádh nach teach atá in a muintir Dhorchaigh anois ach an tír uiliog. A dhul ag déanamh fáideogaí a bhí againn a dhul anois.

Tá neart fidheogaí suas annsin. / Tá siad ina muintir Dhorchaigh 'chuile oíche mar sin. Níl easbaidh ola ar bith ann, ach ní leigfeadh an chaillteacht do'n bhean a ceannacht. Ní chaithfidh sí cianóg ar bith nó go gcinnidh an saoghal uirre / Tá muid in a (: ar) muintir Dhorchaigh aríst. Cé'n smál atá ar an sean-lampa seo. Tá sé múchta aríst. Dar fiagoidhe, chuir mé an iomadú "carbide" ann, ach b'fhéidir nach bhfuil an t-uisce ag dul chuige. Caithfidh tú fuirgheacht liom aríst nó go ndeisighidh mé é]/ Is duine dorcha é = dúnarusach, coimhigh-each, beag-chainteach agus rl. / Tá sé sin an-dorcha in a dhiaidh sin. Níl sé cainteach chor ar bith / Dheamhan a chos sin a ghabhfadh 'un cainte leat go deo. Duine rí-dhorcha é / Dubhairt mise léithe go ndéanaidh Dia grásta uirre go raibh M. an-dorcha, agus is beag a thaithnigh sé léithe. "Feicimse cho fáilidhe le 'chuile dhuine é", adeir sí /[Dream dorcha fré na chéile iad sin. Tá siad an-lághach agus an-tsoilgheasach, ach ní bhfuightheá fios a n-intinne dhá mbeitheá abuil siad dhá lá do shaoghail / Is deacair a dhéanamh amach cé'n bealach atá léithe sin. Duine dorcha beag-chainteach í, ach teagann an-daolannaí innte scaithtí / Má tá sé cho dorcha sin, ní bheadh a fhios agad cé uaidh a dtug sé é. Bean an-spleádhach, an-phléascánta a bhí is an máthair, agus maidir leis an athair 'ar ndú, ní theagadh iadhadh air ach ag síorádh ó mhaidin go faoithin / Bíonn sí an-dorcha liom, th'éis a bhfuil de theantás aice orm. Ach dheamhan maith ann. Fascadh ar fad í. Níor chaintigh sí amháin liom faoi'n inghin, ná go raibh cuimhne ar bith aice imeacht / Ní leithead ná móiréis é chor ar bith, ach sin é an bealach atá leis. Tá sé an-dorcha de'n tsaoghal, mara mbeadh an-teantás aige ort. Dhá mbeadh, ní féidir a chur in a shost chor ar bith. Caitheann sé stráisiúin mhóra annseo agamsa, agus 'sé an cainteóir é! Tá a mhaisce, agus gnaoidheamhail]/ Bhí mé le cupla lá is an tír dhorcha sin thoir. Dar mo choinsias ní leasainm uirre tír dhorcha. Níl focal de'n chaint aca, ach ar a mine ghéire ag obair. Tugaimse do'n diabhal an t-Achréidh céadna / Is bocht an chaoi do dhuine a bheith cho dorcha dúnárusach sin. Is de'n chomharsanacht a bheith carthannach cainteach / Tá sé dorcha = is fear dorcha é = dall [níor chuala mé seo ach dubhradh liom go mbíodh sé ann, agus go bhfuil ag corr-dhuine fós] / Tá sé dubh dorcha = an-dorcha [Cuirtear an dá fhocal sin le chéile in a gcuingir nuair is "duibhe" atá i gceist] / Pruchóig dhubh dhorcha de theach atá aige. Níor léar dhuit do láimh ann i lár an lae ghléigil. Níor léar sin /

Dorchadas, dorchacht (: durəxədəs : durxədəs : durəxəxd): ainm-fhocla fireann agus buineann: geineamhnaigh uathaidh: an dorchadais: na dorchacht Dorchadas, Dorchacht: meath-duibheacht; duibheacht; ré-dhorcha; an oíche.

Bhí dorchadas (dorchacht) na h-oíche ann / Tá sé ag dul 'un dorchacht ('un dorchadais) / Má sheasann an dorchadas seo i bhfad, ní mór daoib a bheith ag crapadh an fhéir. B'fhéidir gur múr a dhéanfadh sé / Is mó an dorchadas atá anois ann ná ar ball. Ní bheadh muinín ar bith agam as an lá / Tá an-dorchadas ar an bhfairrge /[Tá an dorchadas sin ag leathnú amach ar an aer / Dorchadas rabharta é sin / Ní mór duinn a bheith imighthe roimh an dorchadas / D'imigh sé le dorchacht na h-oíche / Ní fhéadfaidh mé a dhul ann leis an dorchadas. Tá sé fánach agam / Bíonn sé amuigh ag obair le dorchadas maidne / Beidh an dorchadas ann roimh an sé anocht / Fan go dtí an dorchadas / Tá an dorchadas ag imeacht aríst. B'fhéidir go scairt-feadh an lá amach]/ Dhá ndéanadh an dorchadas sin imeacht leighfinn amach an ghlaicín fhéir sin thuas / Níl aon-tsásamh aige ann mara mbeidh sé amuigh le dorchadas na h-oíche. In a pháidín mheán-oíche a bhí sé ariamh fhéin / Tá an-dorchadas den tsaoghal ag teacht san lá ('san spéir agus rl.) / Tá bun-dorchacht mhaith 'san oíche a' bhfeiceann tú /

Dorchuigh: Dorchú: Briathar: Rialta. Fáistíneach: dorchóchaidh (: dur əxō), caithte: Dhorchuigh (: ɔ̃urəxə): Láithreach: Dorchuigheann. Dorchú: a theacht nó a dhéanamh dorcha; solas a bhacadh nó a choisceadh ó áit; eirghe dorcha, dúnarusach, beag-chainteach, neamh-teantásach.

Dhorchuigh an spéir ar fad le scathamh / Tá an lá ag dorchú / Dorchuigh -eann an dath sin éadach /[Is mór a dhorchuigh an fhairrge le scathamh / Léar (: de réir) mar a bhéas tú ag teannadh isteach ar an meath-bhallach feicfidh tú an stupóig ag dorchú fút / Dorchú rabharta é sin / Tá an spéir dorchuighthe smúiteamhail ar fad le leath-uair / Dorchóchaidh an oíche anois ach a dteighidh an ghealach faoi]/ Dhorchuigh sé go mór le ceath-ramha uair. Ach níl aon-mhoill ar an trathnóna an tráth seo 'bhliain. "Trathnóna foghmhair nó bheith ag caitheamh clocha i bpoll móna" / Dhorchuigh sé orm ag Árd Th. = tháinic an oíche orm / Tá sé ag dorchú 'un

'un báistighe / Is mór a dhorchuigh an teach ó tháinic méid is na crainte sin ó dheas / Dhorchuigh an fhairrge 'un ceo orainn / Tá na daoine ag dorchú ar a chéile anois thar mar a bhídís fadó = gan a bheith carthannach ná teantásach le chéile / Tá muintir an bhaile seo ag dorchú ar a chéile uiliog anois. Dhá gcastaí duine ar an mbóithrín duit míle uair 'san ló, diabhal mórán le go mbeannóchadh sé dhuit / Dhorchuigh siad ar a chéile le goirid = gan mórán a bheith le rádh aca le chéile]/

"A Dhonchadha, A Dhonchadha céard a dhorchuigh an poll?"

"Ma chliseann bun-feáin agus tóin Mhic Dabhach, beidh a fhios ag do cheann céard a dhorchuigh an poll" [Beirt fhear a bhí ann agus chuaidh duine aca isteach i scailp le cuain madaralla a mharbhú. Bhí an fear eile (Donchadha) ag béal na scailpe. Cho uain agus a bhí sé in a n-éadan istigh tháinic an sean-mhadar-alla agus thug sí farradh isteach imbéal na scailpe. Nuair a fuair an fear amuigh a leath istigh agus a leath amuigh, aimsigheann sé ingreim driobaill tóna í, agus choinnigh sé í. Sin é an uair a d'fhiafruigh an fear istigh céard a dhorchuigh an poll, agus d'fhreagair an fear amuigh é, dhá gcinneadh air féin a ghreim a choinneál, go raibh cnaipe an fhir istigh déanta [bun-feáin = drioball? Cynffon = drioball Breathnais. Ffon = maide, bata, Breathnais na h-aimsire seo; Mac Dabhach = an madaralla] / Ní dhorchóch-aidh mé an doras aríst choidhchin aige = ní ghabhfaidh mé isteach aige [chuala mé é seo ag cainteóirí maithe ar an Achréidh, ach bhí Béarla uilig aca. Tá sé an-choitianta i mBéarla aca: "I'll never darken his door again". Níl a fhios agam an é an Béarla a tháinic ó'n nGaedhilge nó a mhalrait. Ach is cosamhail go bhfuil sé is an nGaedhilge le fada agus é a bheith i leaganachaí ar nós an chinn thuas: "Céard a dhorchuigh an poll"]

Dóchas: ainm-fhocal, fireann; geineamhnach uathaidh: an dóchais.
Dóchas: súil, muinín, tnuthán, ag ceapadh go dtárlóchadh rud áirid agus rl.

Tá dóchas agam go mbeidh an lá amáireach go breagh / Tá dóchas maith againn indiu air. Shílfeá go bhfuil iontú bisigh aige: Roint ar chaoi ar bith / Níl aon-dóchas le bheith ar mhóin imbliana. Tá sé ag cothú na droch-uaire ro-fhada. / Is beag an dóchas atá le bheith uirre. Ag dul 'un donacht' atá sí /

Dreidire, Dreidireacht (dreidirí agus rl.) (: dʼrʼedʼərʼə): ainm-fhocla.
Dreidire: deis le cuan nó píosa fairrge a chíoradh, agus an salachar agus rl. a thabhairt as. "Ní tiocfaidh aon-bhád ann go ndéantar dreidireacht ann" (dredger — dredging) /

Dos: ainm-fhocal, fireann; geineamhnach uathaidh: an duis; ainmneach iolraidh; duis, dosannaí.

Dos: (i) sceach théagarach fearacht na sceach a cuirtear imbeárnaí (ii) an dós mór: meacan an chnadáin, nó an luibh a bhfásann na liodáin uirre (iii) sórt crónán ceoil a ghníos píopaí ceoil. (iv) gaothtaire; clabaire; duine a mbeadh caint ar sraith aige; duine a mbeadh an díle cainte aige ach í gan aon-éirim.

Bain dos le cur 'sa mbearna sin thíos nó beidh an garrdha in a bhéal in áirde ag beithidhigh an bhaile / Tá sceach bhreagh annsin thiar ar chuid Mh. 'sa gcolbh ó thuaidh de'n gharrdha. Sí a d'fheilfeadh ceart do'n bhearna seo /[Leag an diabhal de dhos atá annsin thíos ag M. Mh. N. aréir mé. Tharraing duine eicínt as an mbeárna í, agus ní fhaca mé í, nó go ndeachaidh mé in a mullach. Fhobair gur bhasc sí mé / Dheamhan dos bearnan a gheobhfá 'sa tír an bhliain sin nach raibh bainte l' aghaidh brosna. 'Ar ndú' níor thriomuigh fód móna ar bith. Scean -adh an ros-choill sin thoir as éadan]/ Ní sceacha atá aige ar na claidheachaí ach dosanna. B'fhusa a dhul thar bhalla an phríosúin anois ná isteach ann / Sin í mo dhíol-sa ceart anois. Tá mé ag tóraidheacht duis le seachtain l'aghaidh bearna na h-iothlann. / Níl aon-chailleadh ar an tom fhéasóige atá air. Dar fiadh dhéanfadh sí dos maith i mbearna / Má's ag iarraidh duis atá tú, tá neart tom-achaí siar 'sna breaclachaí sin siar, agus 'sé'n an diabhal é, nó gheobhaidh tú ceann a dhéanfas thú ann /[Mo chreach mhaidne thú! Is fada a bheadh dos ag teastáil uaidh siúd, nó go leagadh sé láimh ar an sceich sin. Síleann siad ariamh go raibh geis uirre]// An bhfuil a fhios agad an dos mór, an ceann sin a mbíonn na liodáin air? Tá an talamh atá thuas aige breac ballach leis sin.

Chuirfeadh a bhfuil aca ann liodáin ar a dteagann ar Rástaí na Gaillimhe / Bhíodh muid ag déanamh feadógaí de'n dos mór nuair a bhíodh muid ag fosaidheacht fadó. D'fheicfeá

'chuile ghasúr ar an mbaile agus ceann aca aige. Bhíodh na sean-
daoine a bhíodh ann an uair sin le buile chuthach. Ní bhíodh
gnaoi ar bith aca ar an obair sin. Is minic a thug duine
aca dúdóig ar an gcluais dom. Deiridís go dtarraing
-eóchadh an fheadghail sin báisteach! Is fada go bhfeicfeá
aon-duine dhá rádh anois / Níl teach ar bith roimhe seo, nach
mbíodh creangadán annsin ann ar thaobh na teine, le
éadach a chrochadh air. De'n dos mór a ghnídís é. A thabhairt
isteach agus é a thriomú nó go stáluigheadh sé. Bheadh sé sin an
uair sin cho roighin le gad. Ní fheicfeá aon-teach in do
shiubhal ionnsaidhe nach mbeadh ceann ann. Tá agus fós is
chuile cheann de na sean-tighthe, ach níl siad 'sna tighthe
nuadha. Ach níl tada 'sna tighthe nuadha. Tá na crasogaí
Bríde fhéin caithte in aer aca. B'fhoghainteach iad na
creangadáin dar mo choinsias, ach tá daoine ro-leithead-
ach, ro-ghalánta anois le bacadh le rudaí de'n tsórt
sin /[Shílfeá go raibh tú ag cúirtéaracht le dos mór in áit
eicínt len a bhfuil de liodáin ort. Dar fiadh tá do chloig
-eann ó mhaith ar fad. Beidh easonóir ort anois iad sin
a bhaint amach. Fanóchaidh cuid aca istigh th'éis do dhichill / Dhá
bhfeictheá na putachaí sin ag A. indiu, ag caitheamh liodáin le
céile, thíos ingarrdha na C. Tá dhá dhos mhóra thíos le claidhe
ann, agus chuaidh duine aca is 'chaon ceann, agus níor fhága siad
liodán thuas ar a gcorp nachar thug siad abhaile leo. Bhí
bean an phóilí ag dul siar an bóthar ag spaisteóireacht di
féin, agus chaith siad foracún aca léithe freisin]// An gcluin tú!
Eist! Na píopaí! Sin é an dos mór anois agad! / Tá píopaí
ag an "ngaedhilgeoir" atá thiar tigh Sh. Chloisfeá an dos mór
'chuile oíche annseo agus é dhá gcasadh thiar ar an teallach // Dos
mór é sin. Níl dadaí aige ach caint ar sraith = fear a mbeadh
go leor cainte aige gan mórán substainte innte (Achréidh) /
Ná bac leis sin. Mar sin a bhíos sé i gcomhnaí. Dos mór é /
Sin é an chóir a mbíonn sé sin ó mhaidin go faoithin ina dhos
mór mar sin. Ná tabhair áird ar bith air. Fág ag caint leis
fhéin é /

Dosán: ainm-fhocal, fireann, uimhir iolraidh agus geineamhnach uathaidh — dosáin.
Dosán: an oiread feamainne, fraoigh, féir, raithnighe nó eile agus a d'fhásfadh
ar aon-luirg, ar aon-tamhain nó ar aon-bhrionglán amháin; slaimín;
le féar, 'sé an méid é a bhféadfá breith in do ghlaic air nó tuairim
agus an oiread sin, ach is furasta dosán feamainne, fraoigh, raithnighe
agus a leithidí eile a aithneachtáil [Fuaim: o = u fearacht ubh, cur agus rl.]

Laoi Chab ar Dosán = ainm ceann de na Laoithe Fiannaidheachta /
Strachail sé dosán raithnighe as an talamh agus chreinn sé idir a fhiacla
é le a raibh d'ocras air. / Níl dosán feamainne le baint againn
imbliana. D'fheann muid a raibh againn anuiridh /[Cé'n chaint sin ort!
Níl dhá dhosán féir aige imbliana dhá mbeadh sé uiliog fréna
chéile aige. Diabhal é]/ Ní bheidh aon-dosán fraoigh ar an druím siúd
go ceann achair arís, de bharr an loscadh sléibhe sin an oíche chean
-a. Nachar dhiabhaltaí míádhasach an dream a chuaidh dhá chur sin thrí
lasadh, agus a fhiosacht dóib go mbadh é an bhráid fhraoigh ab fhearr
ins na bólaí seo é. Beidh na daoine in an-chaoi anois /[Dheamhan
dosán sean-leasú amuigh agam imbliana thar agus ariamh. Fuair mé
dhroch-ruaig an t-am a raibh an cladach ag cur thar maoil le
feamainn dearg. Caithfidh mé feamainn a cheannacht an t-Earr
-ach seo, arae níl in mo chuid feamainn dubh ach fás bliana]/
Dheamhan dhá dhosán a bhí ins an snáth ar fad, agus bhí an dá dhosán
sin féin sciobtha ag J. imbéal maidne. Beidh na daoine gan
feamainne cho uain agus a bhéas a aghaidh siúd ar an gcladach /
Chruinnigh isteach ins an racáil na dosáin féir sin soir. Ní fuláir 'chuile
thiomsachán a chur idtoll a chéile shul a dhéantar an coca /
Sclamhaire ceart é. Is agamsa atá a fhios é agus ceart agam air. Tá
a roinn fheamainne ag síneadh liom, agus má bhaineann duine an dosán
féin thar tórainn, tá sé in a choileaichín ar an bpuinte /
Thug mé droch-ghearradh do mo láimh indiu ag tarraint dosán
fraoigh, an bhfeiceann tú? / Ní bheidh aon-dosáin raithnighe ag gabh-
ail linn imbliana, mara gceannuighidh muid í. Is droch-bhliain
raithnighe í ar aon-chor. /[Níl aon-dosán féir dá bhfuil ar an ngleann
siúd thíos aige, nach bhfuil sínte le teann téagair. Tá an tabhairt
ins an talamh siúd dhá mbeadh an saoghal ag caint]/

Drománach, Dromacán (druməkān): ainm-fhocal; tuiseal geineamhnach uathaidh, agus ainmneach iolraidh: dromacáin, drománaigh [chuala mé drománach dhá thabhairt air i gCois Fhairrge, ach is beag eolas atá ar threabhadh ann. Dromacán (c lom) a chuala mé igcomhnaí ar an Achréidh. Dromachán (c séimhighthe) atá is an mBéal Beo (Ó Máille) air l. 181. Tá dromach, dromaide, dromán, dromachán i bhFoclóir Uí Dhuinnín]
Dromacán = gléas a bhíos ar dhruim capaill agus í faoi chéachta. Bíonn na h-ughaimeannaí (ughmachaí) ceangailte dhó agus iad i bhfastódh is na cuingeannaí freisin.

Bhí mé ag cur an dromacáin ar an gcapall nuair a thainig sé / Ba chosamhail le ughaim dromacáin an slabhra a bhí in a láimh aige /

Dara-thairt (darə-hærʼtʼ : dārə hærʼtʼ): ainm-fhocal [níor chuala mé claochlódh tuisil ná uimreach air. Focal buineann é]
Darathairt: treascairt a bhaint as duine ach níor chall a leagan; duine a chur indiaidh a mhullaigh; an ceann is fhearr a fháil ar dhuine i dtroid; cartadh dalba a thabhairt do dhuine. [Baintear cuid mhaith leasa as is an gcleas a dtugtar "faic" air. B'fhéidir gur amhlaidh a thúsuigh sé, arae deirtear is an gcleas sin: "tharaibh tharaibh faic!" B'fhéidir gurb é atá i gceist ann go rachadh an fhaic thart is an bhfáinne an dara h-uair gan an fear a bheadh istigh féadachtáil breith uirre. Fc. faic].

Sin anois fear a bhainfeadh dara thairt as duine an-éascaidh, agus go mór-mhór má tá sé ar a bhog-mheisce = thiubharfadh sé cartadh dhó an-éascaidh; d'ionnsóchadh sé duine agus bhainfeadh sé cuid mhaith sníomh as / Tabhair an dara thairt dó a fhleascaigh! An bhfuil fuil ar bith ionnad. Má tá an sramacháinín sin ag cínnt ort, is mairg a bheadh de do bheathú! / Bhain siad an dara thairt as shul a d'fhéad sé an fhaic a fhastú! 'Dhiabhail is é a fuair garbh é! Baineadh aithinneadhachaí as an druim aige deirimse leat / Tharaibh, tharaibh faic! Tugaighidh an dára thairt dó an crúbálaidhe mara bhfuil sé

indon breith uirre! / Bhain sé an dára thairt ceart as muis, agus 'sé a bhí i riocht. M'anam nach bhfuil aon-ghnatha aige a dhul dhá fhéachaint siúd / Chruinnigh cluiche de'n dream seo thoir air, 'chuile lá dhá dteigheadh sé soir, agus bhainidís an dara thairt as i gcomhnaí, dá bhrughadh agus dhá chartadh eatorra, shul má theagadh sé anoir aríst. Dar fiadh muise, bhí sé in a dhóigh ceart aca! Ach tháinic an oiread críonn-acht' dhó faoi dheireadh agus gur fhan sé uatha uiliog! /[Má d'airigh tú faoi do neart chor ar bith é, breagh nachar thug tú an dara thairt dó. Ní tada eile a bhí ag teastáil uaidh. 'Muire muise, dhá gceapadh seisean go raibh aon-fhearasbarr aige ortsa ní imeochthá uaidh cho réidh sin / Cúigear nó sheisear a bhí a dhul air sin agus an dára thairt a bhaint as. Ní mó ná sin a cheansóchadh é. Leagan air ceart nó go gcloistheá gioscán ag na cnámha ag pléascadh / Bainfidh siad an dara thairt as an Jap bocht anois, má's cúrsaí mar sin é. Ach diabhal a bhfuil daor-bhasctha de'n Jap fhéin déarfainn. Fágfaidh sé cuid mhaith aca ag craitheadh na gcrúb, shul a chuirfeas siad i dteanta é / Diabhal scáth ar bith a bheadh orm fhéin nach mbainfinn an dára thairt as, agus is dona an fear mé. Níl fuinneamh ná fáscadh annsiúd / Thug siad an dara thairt di ceart annsin idtús an chogaidh (: do Shasana) ach uaidh sin amach níor fhan seadh na seoladh ionnta. Thuit an driúll ar an dreall ar fad orra, ó chuaidh na Sasanaigh isteach do'n Fhrainc. Bhí siad (: na Gearmánaigh) 'sna fáscaí ag téicheadh uatha (ə t ʼ ɛ̄w)]/ Beidh sé taithighthe síos annsin muis nó go mbainfidh na buachaillí báire atá síos ann an dara thairt as. Is orra nach mbeidh an mhoill má chuireann siad rómpa chor ar bith é /

Drad: ainm-fhocal; fireann; geineamhnach uathaidh agus ainmneach iolraidh

: draid, dradannaí amantaí

Drad = na fiacla imbéal an duine nó imbéal beithidhigh nó éisc. Ach bíonn drad i rudaí eile freisin .i. cineálachaí sábh, inneal bhuailte an choirce, cliath, bís agus rl. Rud ar bith a bhfuil sórt fiacla as ar nós sáibh is drad adeirtear leis. Deirtear drad go minic le béal soithigh freisin .i. cannaí, bairillí agus rl. Tugtar scaithtí ar bhéal speile, scine, rásúir agus eile é ach "béal" is iondamhla leo sin.

Rug drad an mheaisín air, agus sciob sé an láimh dó i bhfad uainn an anachain / Níor mhór do dhuine a bheith an-áirdeallach nuair a bheadh sé ag cur na ndornán isteach innte sin, faitíos an draid / Níl aon-drad 'san sábh sin anois / Tá drad goineach aice sin = inneal bhuailte coirce /[Chuir sé isteach indrad na bíse é, agus d'fháisc sé air / Má cheapann sibh go bhfuil tuilleadh aoise aice, tá sí annsin agaibh le breathnú ar a drad = ar aonach nó a leithide nuair a bhíos margadh dhá dhéanamh, breathnuighthear ar dhraid beithidheach len a n-aois a mheas / Tá an drad curtha go maith aice. M'anam go gceapfainn go bhfuil sí an aois sin go réidh / Diabhal drad ná drad ar bhreathnuigh siad siúd air ach a ceannacht mar a bhí sí / Sean-bhó: is deacair mórán meabhair a bhaint as a drad / Níl drad ar bith agamsa anois le rud cruadh ar bith a ithe. Mara bhfaghaidh mé builín níl aon-ghoir agam drannadh le tada eile / Bhí an-drad fiacal aice ar chaoi ar bith = bó, capall, duine agus rl. / Tá an drad uachtair go maith agam, ach tá an drad íochtair tugtha uatha / Tharraing mé trí fhiacail as an drad íochtair indiu, agus tá péire imighthe as an drad uachtair cheana / Tá drad deas fiacal aige / Tá drad scagach (stramhach, mantach, drad séanuis agus rl.) aice / Bíonn drad dúbluighthe ag cuid de na daoine = dhá drad i leabaidh ceann /[Bhí drad dúbluighthe ag M. C. a bhí annsin thuas go ndéanaidh Dia grásta uirre / Nach scagach an drad atá aige = na fiacla scagtha ón a chéile]/ Bhí draid stramhacha ag an dream sin ar fad / Is mór an slacht ar dhuine drad deas fiacal / Tá drad francaighe aige sin = drad an-ghéar / Dhá mbadh sail adhmaid a leagfá aige sin, changlóchadh sé í. Tá drad francaighe aige / Tá drad cnúdáin aice = níl rud ar bith is deise drad ná an cnúdán / Is mór an feall go gcaithfidh sí a cuid fiacal a tharraingt. Bhí drad an chnúdáin aice / Is diabhlaí breagh an drad atá aice ar chaoi ar bith. Drad an chnúdáin ag luighe ceart le chéile / Is fhearr le M. roghain a dhéanamh ar dhrad an chnúdáin. Ní thaithnigheann na mullaighe ruadha leis / Cé'n chall atá dhi sin drad bréige (nó drad "fáls") a chur isteach. Nach bhfuil drad an chnúdáin aice mar atá sí. Ach ní mór léithe a bheith 'san bhfaisean chreidim /

Caithfidh mé drad a chur isteach, agus ní saill gan fiacha é sin / Tá drad óir istigh aige / Chuir sé drad nuadh glan uiliog isteach / Tá drad fabhtach agam. Caithfidh mé a dtarraingt as éadan / Níl fiacail in a dhrad = níl fiacail in a dhrandal = in a charbad /[Níl fiacail ag gábhail le mo dhrad uachtair, ach aon-bhuinín beag amháin de cúl-fhiacail, agus go deimhin ní éadáil mhór dhom í sin / Níl cúl-fhiac -ail ag gábhail le mo dhrad uachtair, agus tá dhá chlárfhiacail caillte agam 'san drad íochtair / D'ól mé purgóid annseo anuiridh, agus fhobair go ndéanfainn mo dhrad síos thríom, d'oibrigh sí mé cho mór sin! / Níl fiacail shlán in mo dhrad / Tá tú gan drad gan fiacail = gan fiacail ar bith / Bhí sé óltach uair annseo agus tháinic tonn taoscach air, agus chuir sé amach an drad bréige agus d'fhága sé in a dhiaidh iad, agus b'éigin dó a dhul agus fuireann nuadh a chur isteach]/ Breathnuighidís ar a drad, má tá sé ag cínnt orra a h-aois a dhéanamh amach agus feicfidh siad a bhfuil sé curtha aice nó nach bhfuil. Déarfainn go bhfuil sé curtha aice! = fear a bhí ag braithteoireacht faoi bhean a phósadh faoi rádh agus nach raibh a fhios aige cé'n aois go barrainneach í / Bhí a drad greamuighthe. B'éigin spúnógaí a fháil len a bhaint ó chéile / Nach shin é a chuir an bhail air féin le ól! Bhí glas ar a dhrad, agus fhobair nach mbainfí ó chéile chor ar bith é / Coinnigh taobh thiar de do dhrad é sin = coinnigh faoi do chúil fhiacail é = is rún é agus ná sceith é / Ba chóra dhó an méid sin a choinn -eál taobh thiar dhá dhrad, agus gan a bheith ag imeacht dhá chraobh -scaoileadh ar fud na tíre / Coinneochaidh sé taobh thiar dhá dhrad é, nó go n-ólfaidh sé an chéad-taoscán eile pórtair. Tiocfaidh sé aniar annsin! /[Má chuir an fear pearúl ort faoi bhí agad a choinneál taobh thiar de do dhrad. Ní dheachaidh sé dhá innseacht duit igcleitheamhnas agus go n-innseochthá-sa é d'Éire Bheag agus d'Éire Mhór / Tá ag duine rud ar bith nach mbaineann dó a choinneál taobh thiar dhá dhrad / Dubhradh leis an méid sin a choinneál taobh thiar dhá dhrad, agus dar brigh an leabhair, bhí sé ag gasúir an bhaile trathnóna lár na bháireach. Sin é an fear a bhfuil an fascadh ann!]/ Déarfaidh mise

suas len a dhrad é. Cé'n bheann atá agam air? / Déarfaidh mé suas leis an drad aige é, má bhaineann sé mórán cainte asam = déarfaidh mé lom díreach leis é / Ní ag dul ar chúl an chlaidhe a bhéas mé chor ar bith, ach tá mé dhá rádh suas le do dhrad anois agus déan de rogha ceal dhe /[Cneamhaire é, agus déarfainn suas leis an drad aige é, dhá spadharadh sé tada mé / Sin é an fear nach mbeidh ag dul anonn ná anall le rud, ach adéarfas suas leis an drad ag duine é, má thugann sé mórán tsiocair dó / Is beag a bhéarfadh orm a rádh suas len a drad gurb ise ba cionntaighe luath agus mall. Déarfadh freisin, má chaintigheann sé duth ná dath faoi / Dubhradh suas leis an drad annsiúd aige céard a rinne sé, agus má dubhradh fhéin, dheamhan ar shéan sé é, ná cuid dhá shéanadh / Abair suas leis an drad aice go bhfuil sí ag fágáil na maol-bhearnaí siúd gan tógáil fea'int a bhfoghlóchaí an garrdha, agus go mbainfeadh sí a luach do dhuine eicínt ó thárla na fataí a bheith loicthe ann]/ Shantuigh mé é a bhualadh siar ar an drad [nó: isteach ar an drad; ach is minice adeirt-ear "siar"] / Bhuailfinn siar ar an drad thú mara ndúintheá do bhéal. Is maith an t-údar thú! / 'Séard a bhí le déanamh leis é a bhualadh siar ar an drad nuair a thosuigheas sé ar an ngráiscínteacht sin. Chuirfeadh sé uais ort / Fhobair mé a dhú nae trí (: a dhó nó a thrí) de chuarta é a bhualadh siar ar an drad, ach bhí a raibh eile ann annsiúd ag scartghail, agus ag fáil siamsa air /[Is gearr an éisteacht a bheadh aige sin leis, nó go mbuaileadh sé siar ar an drad é. Ba é a dhéanamh leis é freisin / Mo choinsias dar m'anam mara n-eirighidh tú as anois buailfidh mé siar ar an drad thú! / Iarraidh a bhí a thabhairt dó treasna an draid / Gheobhadh sé ar an drad é, marach go raibh leisce ormsa / Má oscluigheann sé a bhéal, gheobhaidh sé isteach ar an drad é = buailfear ar an drad é / Má chloisim smid do bhéil aríst anocht uait, gheobhaidh tú isteach ar an drad é. Ní bheidh sé níos lugha agad / Bhí fear ann muis — T. — agus ba ghearr gasta a bheadh sé dhá thabhairt isteach ar an drad dó dhá gcloiseadh sé mórán sceaimhínteacht' uaidh, ach níor chuala]/

Bhain sé an drad as le iarraidh mhaide (le dorna agus rl.) / Chuirfinn a dhrad siar in a bholg (síos in a bholg) dá labhruigheadh sé / Chuir sé a dhrad síos in a bholg le iarraidh / Bainfidh sé an drad as mara mbeidh tú ar do shon féin / Bhainfinn na fiacla as do dhrad le failm! / Bhainfí an drad annsiúd asad, dhá n-abruightheá druid ar bith / Scread mhaidne ar a dhrad mór le caoi a bheith air! / Nár chuiridh Dia an t-ádh ar a dhrad scadáin le cleas a dhéanamh! = drad scadáin le droch-mheas / Níl sé ag déanamh a dhath faoi'n domhan ach ag imeacht i gcomhnaí agus a phíopa ina dhrad aige /[Feicfidh tú an píopa in a dhrad i gcomhnaí / Leig mise an méid sin faoi'n drad aige = faoi'n tsróin = faoi'n tsúil agus rl. = rud eicínt a rádh leis nach dtaithneochadh leis a chloisteáil / Bailigheadh leis anois! Chuaidh an méid sin faoi'n drad aige!]/ Rug an madadh in a dhrad ar an gcut agus chraith sé é / Céard é sin in a drad ag an mbó sin. Bain di é, Dia aithnighear! / Feicfidh tú an bhó sléibhe sin ag imeacht i gcomhnaí agus ceirt eicínt in a drad aice /[Caithfidh an ionga tobac a bheith igcomhnaí faoi'n drad aige, nó níl sé indon faice a dhéanamh = cangailt tobac a bheith thuas aige / Múchadh agus báthadh air! Drad mór! / Is gearr le dhul an bríce aráin sin ar a dhrad goineach siúd! / Ní bheidh dhá ghreim 'san méid sin ag a dhrad siúd]/ Feicfidh tú annsin ag cur draid air féin é, nuair a thaithnigheas rud leis = cáir, strainc, drannadh / An bhfeiceann tú an drad atá ar an diabhlánach anois? Ba deacair magadh a dhéanamh faoi t'athair féin / Chuir sé drad air féin nuair a chonnaic sé an pionta ag tíacht / Ní raibh duine ar bith ann ach T. Mh. agus drad air annsiúd ag slugadh a raibh dhá chumadh dhó / An bhfeiceann tú an deis atá ar an diabhlánach de chut anois. Tá drad air th'éis 'chuile dheoir de'n bhainne a ól / Tháinic drad air, cho luath agus a tharraing tú amach na "cigarettes" ag tnuthán le ceann / Tá sé annsiúd agus drad air ag slugadh na ngrást! // Bhí an teach lán go drad = go doras, go boimbéal, go béal / Fuair sé lán na gloine go drad, agus go dtugaidh an diabhal thairis é, má's ag súil le tuilleadh a bhí sé! / Chaith sé an-uisce aréir. Tá claise an tsrotha

annsin thoir lán suas go drad / Líon an ceitil go drad anois.
Beidh tae ag teastáil ó'n gcuid eile freisin / Ní cheal ola atá
air ar chaoi ar bith. Tá sé lán go drad. Rud eicínt atá ar an
ngéabhóig / Líon an pionta sin suas go drad. Tiocfaidh taoscáin
-ín eile ann. /[Tá an cró i bhfus lán go drad le fataí aige /
Bhí tigh Sh. líonta go drad. Ní fhéadfá filleadh ná feacadh
a dhéanamh ann. Is dóigh gur dhíol sé an domhan bráthach óil
indiu. Bhí an-mhathsluagh ann / Bhí an "lorry" lán go drad le
caoirigh aige / Tá an tobar go drad le uisce anois / Ná cuir an
pota sin go drad anois, mar má chuirinns (: má chuireann tú)
gabhfaidh cuid dhó thar maoil, agus báithfidh sé an teine / An bhfeiceann
tú an ghloine mhór sin thuas ar íochtar an drisiúir. 'Sí a
leath-cheann sin a bhí aige, agus chuir sé go drad dom í trí h-uaire.
Nach beag an dochar dhom a bheith súgach féin? / Níl aon-ghnatha
agad an bosca a chur go drad le gaineamh, nó clisfidh sí 'sna
h-árda ort. Ní tharraingeochaidh sí a lán go drad choidhchin. /
M'anam go bhfuair sé taoscán maith fataí. Chuaidh mé go
drad leis an gcliabh mór sin amuigh faoi dhó. Bhí congnamh
maith de thrí mhála Gaillimheach aige / Ná teirigh go drad leis
an bpíopa sin dhá líonadh. Tá smúdar beag annseo agam a
chuirfeas mé in a uachtar]/ Tá sé lán go drad anois = fear
a mbeadh a sháith ólta aige // Fuair sé faoi'n drad indiu é = duine
ag dul in aghaidh bháistighe, sneachta agus rl. nó duine a bheithí a ionnsaidhe,
a bhualadh agus rl. // Tá sé ag dul thar drad = teach a bheadh a bheith lán
le daoine; soitheach, claise agus eile / Teaga leis. Déanfaidh sin thú!
Cuirfidh tú an soitheach sin thar drad / Tá an portach siúd thuas
agam ag cur thar drad le uisce / Tá an bairille sin amuigh ag
dul thar drad leis an mbáistigh / Tá an tobar ag dul thar drad
anois th'éis tuile na hoíche aréir / Bhí cheithre fholach aice annsiúd
ag dul thar drad le coirce. Ba dhalba an lear a bhí uirre /
Drad-mhála; Drad-ualach; Drad-líonadh, Drad-líonta agus rl.
Fuair sé drad-mhála maith annseo aréir. Ní féidir dó é a bheith
ídighthe aige in aice a chuid féin = mála a bheadh líonta sactha go
béal, nó indáil leis / Nach hé an ríste é nach mbeadh fataí

aige féin agus gan a bheith idtuilleamaí na comharsan d'fheacht agus go h-áirid. Fuair sé drad-mhála annseo muis an lá faoi dheireadh / M'anam go bhfuil drad-mhála maith agad bail ó Dhia ort! / Chuaidh bean an tincéara soir ar báll agus drad-mhála maith aice th'éis an lae. Is diabhlaí an soláthraidhe í. Ní fhágfaidh sí teach ar bith falamh. Beidh sí ag tuineamh leat nó go dtugaidh tú rud eicínt di / Bhí drad-mhála aice ag teacht as Gaillimh, hébrí cé'n sórt maingíní a bhí aice ann / Tá drad-mhála eile fós ann, má bhailigheann tú de dhrad-mhála chor ar bith é / Bhí drad-chléibín meangiols aige. / Rith soir agus tabhair anoir drad-chléibhín turnapaí agam l'aghaidh na mbeithidheach / Bhí drad-ualach aige ag teacht abhaile = ualach réasúnta, ach ní bheadh sé thar cionn / Cá'id a mhairfeas an drad -ualach sin duit? Seachtain! Dheamhan mórán atá sib a ídiú muis. Ní bhainfeadh muide trí lá as /[Tháinic sé aníos trathnóna agus drad-ualach maith feamainne 'san gcarr aige / Nach gearr ó a thug mé drad-ualach agaibh cheana! 'Ar ndú' ní caithte agaibh atá sé. Má seadh d'imigh an diabhal oraibh! / Tá drad-ualach maith feamainne ann fós, dhá mbailigheadh sib an scaipiúch sin, agus 'chuile thiomsachán a chur idtoll a chéile / Tá dhá "lorry" maith innte agus drad-"lorry". Níl aon-trí "lorry" innte. / Tá drad-líonadh maith ar an mála = nó: tá an mála drad-líonta = tá sé líonta ionann agus go drad, nó go béal / Bhí mála drad-líonta móna ag teacht anuas aige trathnóna. Duine eicínt a thug dó é de ghrádh diadha / Bhí an cléibhín drad-líonta aice le faochain / Bhí a raibh de photaí gliomach ar na bráideannaí sin amuigh drad-líonta indiu. Ba diabhaltaí an foracún aca a bhí ag curachóirí na h-áite thiar]/ Tabhair drad-líonadh ar an mbosca sin agus caith thuas aice é, má's rud é a chuirfeas ó bhánrán í. Tá sí ag fáil cuid is mó ná a thug sí dhuinn. / Bhí drad-líonadh maith ar an áit ag an gcéilidhe deireadh a bhí ann. Dheamhan a mbíodh aon-bhrigh daoine ann le fada roimhe sin /[Ní raibh sé drad-líonta ná baoghal air agam an geábh deireadh, ach chinn orm a bhailiú an geábh roimhe sin in a dheidh sin / Tá drad-líonadh maith ar an scioból siúd aige le coirce. Diabhal mé gur shíl mé nach raibh mórán coirce aige

chor ar bith imbliana, ach is cosamhail go bhfuil in a dhiaidh sin]/ Cuir drad-líonadh ar an mbuicéad sin anois. Ní fuláir do'n laogh siúd neart bainne. Laoighdín éidtreorach é / Teaga leis anois. Tá sé drad-líonta agad. Níl maith ar bith a chur thar béal //

Draidín: ainm-fhocal fireann as "drad" = drad beag. Thiubharfaí ar na draid ar éigin a bhíos ag miolgairí é, nó ag naoidheanáin ach a gcuid fiacla a bheith ag tosuighe ag teacht. Tugtar freisin ar dhraid bheaga a bheadh in innil é, cuirim igcás an dá chorr eangacha a bhíos ar an bpláta a chuirtear as cionn na lainne is na rásúir "safety" é. Tugtar le droch-mheas é ar dhaoine a mbíonn "drad" nó cáir orra nó a bhíos ag drannadh .i. "scread mhaidne ort a dhraidín" (fc. drad) / Tá bualadh draidín air leis an bhfuacht (fc. bualadh) /

Dradaire, Dradaireacht: ainm-fhocla, ainm-bhriathar; fireann agus buineann. Dradaire = duine a mbeadh drad nó cáir air agus an-tóir ar chaint aige; radaire nó ealaidhe ban; duine a bheadh tugtharach do shuirghe nó do chaint le mná dradaireacht: ag drannadh; caint gan mórán substainte; ag radaireacht ag cúirtéireacht, nó tugtharach dhá bheith ag caint le mná.

Tá tú in do dhradaire mar a bhí tú ariamh / Leig de do chuid dradaireacht' anois, nó m'anam ó'n diabhal go gcuirfidh mise ó dhradaireacht thú feicfidh tú féin air / Dradaire maith é sin deirimse leat. Sheasfadh sé ar an gceird sin go bráth: cáir bheag annsiúd air ag nathaidheacht. Mac Ph. Sh. M. a bhí a scaoileadh aige. Sin é nach n-éistfeadh i bhfad leis! / Ag imeacht ag dradaireacht le mná a chaitheas sé sin a shaoghal. Ba dual athar dó. Nuair a bhíodh a athair ag obair ingarrdha an Bh. annsin thíos, ar an dá luath agus a bhfeicfeadh sé bean ag bailiú anoir Árd D. bheadh sé thíos ar shúil an bhóthair le bleid a bhualadh uirre. Dhá bhfaghadh sé aon-ugach uaithe, chaith-feadh sé an chuid eile de'n lá ag dradaireacht léithe / Tá dradaireacht mhaith le fáil uaidh sin, ach sin é an méid. / Dradaire ceart é sin. Níl aon-bhean aniar ó Cheann Léime nach bhfuil carra chainte curta aige uirre. Tá geis air gan aon-bhean a leigean thairis gan aighneas a chur uirre /

Drad-ghháirí = Drad-ghháireach: briathar; aidiacht.
Drad-ghháirí = ag gáire go mí-chéadtach, nó go flith-mhagamhail
Drad-ghháireach = a bheith ag gáirí go flith-mhagamhail nó go fonóideach

Leig de do chuid drad-ghháirí fúmsa anois, nó leathnóchaidh mé dorna ar an smaois agad gan mórán achair. An síleann tú nach ndéanfainn é? / Thosuigh sé ag drad-ghháirí faoi J. agus 'ar ndú' mo léan spréach sé sin, agus bhí sé ar thob a dhul dhá mheilt, nuair cé a shiubhailfeadh isteach ach an sagart. Sin é a tháinig ar uair na h-athchuinge ar chaoi ar bith! / Is gránna an bealach do chailín óg mar í straois a bheith uirre mar siúd i gcomhnaí ag drad-ghairí. Dhá mbadh é an duine ba mheasa leat ariamh a bheadh ann, sin é an chaoi a mbeadh sí. Ba deas a thiocfadh masc (: mask) di / Ná tabhair d'fhaisean duit féin mar sin a phutacháin a bheith ag drad-ghháire nó greamóchaidh sé dhuit! Dhá bhfeictheá tú féin anois. Go deimhin agus go dearbhtha is breagh dathamhail í do cheannaghaidh! /[Bhí tú ag drad-ghháirí ar baillín, agus anois tá tú ag smutaireacht chaoineacháin. Níl a fhios agam féin cé'n scéal é / Sin é an gáirí leis an olc muis, an drad-ghháirí a dhéanfas sé sin. Ti hí! Nach hé an sionnach i gcraiceann na caorach é! / Is diabhlaí drad-ghháireach atá cuid de na daoine. Ní mórán drad-ghháirí muise ab ait leo a dhéanamh fútha féin. 'Sé an té is lugha acmhuinn é féin, an té is mó a mbíonn fonn air suidhe imbun duine eile!]/ Bhí sí cho drad-ghháireach le madadh istigh 'san gclúid. A Rí na bhFeart nach hí an chúdaois (: códaois?) ghránna í, ní ag fáil locht ar ghnatha Dé é! 'Sí agus an chúdaois olc! / Cé hí an bhean mhór dhrad-ghháireach a bhí i lár báire. Ba gheall le bean Gh. fadó í: G. an "jumper", má ba í a bhean fhéin chor ar bith a bhíodh ag imeacht ar stropa soir agus anoir annsin aige / Ní geal-ghháireach atá sí ach drad-ghháireach. Sin é an gaire gangaideach a dhéanfas sí sin. Bheadh gairí maith aice faoi do bhris /[Ní fhaca mé é ag déanamh gáire croidheamhail ariamh ach drad-ghháireach mar sin. Shílfeá gur faoi dhuine eicínt eile a bhíos sé ag gáirí i gcomhnaí. Níl goir ag duine breathnú cam air féin nach bhfuil sé in a choileachín]/

Dranndal (dranndailín): ainm-fhocal; fireann; iolraidh — dranndail.
Dranndal: "an dranndal atá ar an bhfeoil dearg atá timcheall ar na fiacla." (Béal Beo)
Dranndailín = duine a mbíonn cáir air; duine a mbíonn dranndal an mhagaidh air; deoraidhe beag nach mbíonn rath ná righeacht air, ach a bhíos tugtha do chaint; dubhradáinín dona /

"A Pheadair pioc an gandal
Dheamhan a bpiocfaidh Peadar é: níl fiacail in a dhranndal" [Rann as amhrán páistí]
Níl fiacail in mo dhranndal = níl fiacail ag gabhail liom; níl fiacail in mo charbad / Cé a d'fhéadfadh píopa a choinneál ina bhéal. An sean-duine úd! 'Ar ndú dheamhan fiacail in a dhranndal le píopa a choinneál fastuighthe /[An bhfaca tú P. ariamh agus é ag caitheamh píopa. D'fheicfeá dhá logán isteach in a ghruadhannaí ar 'chaon taobh an uair a tharraingeochadh sé gail. 'Sé'n fáth é sin in áit nach bhfuil fiacail in a dhranndal. / Fuair tú amach an té a bheadh indon cnothannaí a bhriseadh — fear nach bhfuil fiacail in a dhranndal]/ D'fhága mé an ceann deire aca istigh inG. indiu. Shaothruigh mise é aice sin, le doigheachaí, le seachtain. Bhí mé de'n tsaoghal aice nó go ndeacha mé isteach indiu len a tarraint.
Níl fiacail in mo dhranndal anois /[Cé'n! Níl mise indon ceart ar bith a bhaint de'n rud cruadh sin agus screamhóg air. Nach bhfuil a fhios agad nach bhfuil fiacail in mo dhranndal le na blianta]/ Dheamhan ceo ar bith atá sé siúd indon a changailt. Níl fiacail ag gabhail leis. Níl ná an dranndal féin / Ní ins na fiacla atá na doigheachaí chor ar bith orm, ach isteach ins an dranndal. In a driogannaí a theagas an phian. [Ní bhíonn sí ach éadtrom i dtosach ach tagann an t-árdú annsin mar bheadh mo charbad dá scaoileadh. Níl aon-nídh faoi'n saoghal indon fuarú a thabhairt dom an uair sin ach deoch uisce fuar agus a choinneál in mo bhéal cho fada in Éirinn agus atá mé indon fulaingt leis. Fuarú dona a thugas sin féin dom, ach bodhruigheann sé roint í, mar sin féin]/ Ní airighim na dranndail ar fóghnamh chor ar bith ar an saoghal seo / Ní beatha mhaith do'n dranndal iad sin. D'íosfainn iad marach amháin: Faoi cheann chúig nóiméad, bheinn ag screadach ar fud an tighe le doigheachaí. Sin é mo ghráin ar "sweets" /[Deir an dochtúr go bhfuil na dranndail go maith agam, ach go bhfuil na fiacla lobhtha in a dheidh sin. Is mór an sásamh dhom é sin — nach mór]/

Tiubharfaidh mé isteach ar an dranndal duit é, mara n-eirighidh tú as. Sin é a bhfuil faoi anois. / Bhrisfeadh sé siúd a dhranndal dhá bhfaghadh sé mórán cainte uaidh. Ní mórán eisteacht a bheadh aige siúd leis, deirimse leat /[Buaileadh sé é, feiceamuist. M'anam gurb shiúd é nach dtiocfadh anonn ná anall leis, ach a thabhairt isteach ar an dranndal dó gan "peárail" (parole? parler?) ar bith a ghlacadh leis. Sin é féin atá beo drochmhúinte le araoid ar bith a chur air]/ Tabhair aire do do dhranndal ar M. Mh. má's leat a bheith slán. Ba ghearr an mhoill air sin é a bhriseadh dhuit dhá gcaitheadh sé in a cheann é. Níorbh fhearr leis ceird air / Beidh a fhios ag a dhranndal é, mara leigidh sé domsa. Ní liomsa is fhearr dhó a dhul ag míoladóireacht, má tá a ádh ar Dhia / Ní mór liomsa do dhranndal an diabhlánaigh sin an méid sin. Is fada dhá thuaradh dó fhéin é. /[Bhí rud le déanamh leo sin. Fáiméad de chloich a thabhairt isteach ar na dranndail dóibh agus a gcuid drad a chuir siar in a mbolg. Ní mhúinfeadh a mhalrait iad — na scaibhtéaraí!]/ Dhá dtuiteadh an dranndal aisti anois d'fhuireasbhaidh duilisc thuas ann-siúd, dheamhan blas duilisc a gheobhas sí uainne. Má tá sí dúlaidhe ag duileasc teagadh sí anuas agus baineadh sí é. [Tá dalladh dhó (: dhe) thíos annsin thíos. Is beag a bheadh ar a' (: ar) n-aire go deimhin, a dhul ag baint duilisc dhá dranndal-sise. A dhul ag fágáilt a' (: ar) gcuid móna annsin gan tógáil le dhul ag baint duilisc do mhagarlach anuas ó shléibhte]/ Tiubharfaidh sé aniar é má fhaghaimse leigint ar a dhranndal. Rud ar bith ariamh a fuair an dream céadna idir a dhá láimh ní scarfaidís leis go ndéantaí céad aistir dhá iarraidh. / Scread mhaidne ar a dranndal! Ag imeacht cho stramhach annsin, agus cáir uirre i gcomhnuí. Níl aon-duine beo is lughar liom ná an chaile sin. Is gann a chuaidh an saoghal ar mhac Ph. Sh. marar fhéad sé a dhíol de bhean a fháil ar mhná na tíre go ndeacha sé in a cleitheamhnas siúd. Ní dhéanfainn roghain uirre dá mbeadh Eire taobh léithe — an straoiseachán bradach! / Léan ar a dhranndailín coinín, maran deas uaidh a dhul ag sioscadh bréag. Agus shílfeá nach leaghfadh an t-im in a bhéal! Foighid ort muise go bhfeicidh mise é. Dhá mbadh i láthair an phobail é, dheamhan ball na h-áite a fhágfas sé nó go gcasaidh mé suas leis an smut aige é /[Siúd é a bhfuil an dranndal aige a mhic ó le dhul in éadan feola. Cho luath agus a gheobhas sé a baladh, teagann díocas ar an drad aige, le teann dúil innte. Ní fhaca mé fear a bhárrtha ariamh ag an mbord. Ní fhaca ná aon-duine eile]/ Níl aon-fhear dhá bhfuil a dhranndal siúd aige nach fiú(mh) ór dó é. Strachlóchadh sé mart ó chéile.

Is geall le "fú fá féasóg" fadó é / An bhfeiceann tú an t-úrbhéal a bhíos air. Is gránna é a dhrandal ní dhá roint leis é. /[Níl rud ar bith ins an saoghal is mió-shlachtaire ná an dranndal a bheith le feiceál mar sin agus thú ag gáiridhe. Is minic a chuir mé aithne ort gan do bhéal a oscailt cho mór sin an uair a theagas fonn gáirídhe ort … ní h-ionann bean is fear. Is iomdha rud a fhéadfas fear a dhéanamh nach mbeadh cuí(bh)eamhail ag bean.]/ Is mór an mío-shlacht uirre an dranndal siúd a bheith leis aice 'chuile uair dhá n-oscl-óchaidh sí a clab le dhul ag gáiridhe. Úr-bhéal uiliog í / Nocht sé a dhrann-dal = madadh agus colg air, agus é ag drannadh le dhul ag troid / Nocht mo ghadhar-sa an dranndal. Níor thaise leis an mbrocairín é. Bhí an péire annsin ar aghaidh a chéile agus iad ag dranntán, ach th'éis gur shaghd muid iad dheamhan a n-ionnsóchaidís a chéile in a dheidh sin. Dheamhan loiceadh ar bith a bhí ag an mbrocairín uaidh. M'anam gurb é an cliobaire mór sin agamsa nach raibh ro-líomhtha ag an troid / Tá an madadh sin aige diabhlaí oilbhéasach. Fhobair dó breith orm annsin thuas aréir agus mé ag dul anuas leis an gcapall. Dar brigh an leabhair gheobhadh sé an dara-thairt, marach go raibh mise i dteannta ag an gcapall. Ní ghabhfaidh mé amach feasta d'fhuireasbhaidh mo mhaide. Tá cois fuipe agam, agus diabhal a mbeadh basctha di. Ar an dá luath agus a nochtfaidh sé an dranndal tiubharfaidh mise mo shean-snaoidhm de mhullach cois na fuipe, isteach ar na fiacla dhó. Dhá mbeadh drad madar alla air, dhonóchadh an iarraidh sin é /[Níl a fhios agam ó mo righe cé'n teach é — ach teach mór é ar aon-chor. Tá geata leis agus é uiliog faoi phictiúir madraí gearrtha as an gcloich. Agus ní móide go gcreidfeá an rud adéarfas mé leat anois: Níl madadh ar a fhuaid nach bhfuil an dranndal nochttha aige!]/ Beannacht Dé dhuit! Ab é Baile an Ch. Deir tú liom go bhfuil an-phriobáin talmhana ann. Níl ceo dhár dhealbh an ghrian ann, a stór — ceo ar bith — ach feidheallanna madraí — agus na dranndail nochttha aca, ag forcabhás ar fháiteall eicínt a strachlóchaidís thrí dhriseachaí an bhaile / Bhí beithidheach istigh ann ar dhéanamh cuit. B'áithbhéal -ta an beithidheach é, igcosamhlacht. Bhí sé cuibhrighthe istigh annsiúd i mbosca. Marach go raibh; dhéanfadh sé mísc. Chuaidh mé féin suas go dtí an bosca agus chuir mé bannlá(mh) de mo theanga amach faoi. Dhá bhfeictheá an dranntán a tháinic air, agus nocht sé a dhranndal agus thosuigh sé ag stealladh smugairlí mar 'bheadh easóg ann. Dar príosta is beag a thaithneochadh liom a bheith in aon-pháirc leis dá mbeadh cead a choise aige … Bíodh a fhios agad gurb é an beithidheach is mó é dá dtug mé sunntas annsiúd dó, aindeoin a raibh aca ann. /[Má nochtann an sceannadóir

siúd a dhranndal, beidh gna (: gno) do do dhicheall agad len a theacht uaidh. Tá sé an-fhranncuighthe. Ubhall na h-aithne ceart!]/ Níl aonach ar bith nach mbíonn sé ag imeacht agus a dhrandailín nochttha aige ag iarraidh achrainn. Siúite agus achrann a bhuac sin. Sháruigh sé a bhfaca mise ariamh / Tá dranndal an mhagaidh air = straois gháire = cáir fhlith-mhagaidh. /[Tá sé thíos annsiúd agus dranndal an mhagaidh air faoi 'chuile dhuine. Ach feiceamuist, tosuigh ag magadh faoi féin. Má thosuigh-inns (: fuirm a bhíos amanntaí ins an Aimsir Láithrigh, dara pearsa aonda), feicfidh tú féin air gur gearr an magadh é]/[Tá sé thíos annsiúd ar shúil an bhóthair agus dranndal an mhagaidh air leis an bhfear anoir agus leis an bhfear aniar. Is uaidh a theastóchadh an iarraidh a chuirfeadh in a ghna (: gno) é, thar agus a bheith annsiúd ag nathuidheacht ar feadh an lae, agus a gharrdha ag dul i léig. / Dar seo agus siúd muis, mara gcaithidh tú díot dranndal an mhagaidh sin atá ort fúmsa, beidh rud ar a shon agad. Tá mé ag éisteacht leat annsin ó mhaidin, agus is mór an acmhuinn agam í (: cur suas leat). Is tú an t-ealadhantóir is mó faoi na bruit. Ag ceapadh atá tú go ndéanfaidh tú dóigh de na daoine chreidim, ach ní dhéanfaidh, ná baoghal ar bith ort. Ní faoi chearca a leigeadh amach aonduine ach an oiread leatsa, le go ndéanfá ballséire dhíob / 'Sé dranndal an mhagaidh a bhí ar 'chuile dhuine dhá dhream ariamh. Chonnaic mise a athair — P. Mh. agus a uncail R. Ph. — agus chabálfadh 'chaon dhuine aca thú le deagh-chaint. Ní raibh scéal ná amhrán aca, ach an nathuidheacht bheag sin. Ach chuirfidís cosa beaga faoi na glasógaí leis sin féin / Tá an inghean ceart go leor, ach fan go bhfeistighidh an t-athair é féin ar a aghaidh thall ar an teallach agus go gcuiridh sé dranndal an mhagaidh air féin. An uair a bhíos an stiúir sin air agus a theigheas sé ar mhagadh ceart splanncfadh sé aonduine faoi'n domhan. Agus sin é a mbíonn uaidh. Is biadh agus beatha dhó a bheith ag cothú scliúchais de'n tsórt sin. Nach bhfuil an baile reicthe ariamh aige. Is mór mór an t-iongnadh liom nach minic a marbhuigheadh é]/ Bíonn dranndal an gháire ar an ógánach sin i gcomhnuí. Ba chóra dhó go mór muise a dhul ag magadh faoi'n athair. Dheamhan údar gáire ins an tír go dtí é, agus a "mhusteaisín" bheag scáinte mar bheadh ribeadhachaí luchan ann, agus béilín mar bheadh ar pháiste, agus dhá spáigín. Ach níl caint ar bith air sin, fhad agus a fhaghas sé amadán len éisteacht leis ag baint fogha agus easbaidh as daoine eile. D'fheicfeá féin air, go n-innseochainnse dhó cé hé díol an mhagaidh dhá gcuireadh sé aon-araoid orm, ach ní chuirfidh. / [Céard tá tú a rádh a dhranndailín. Is beag a bhéarfadh orm é a thabhairt isteach ar an gcogús duit / Tá drandailín de mhac annsin thiar ag M. Sh., agus choinneocadh sé caint le Eire bheag agus le Eire mhór. Theagadh sé ag cuartuidheacht thíos annseo]

tigh J. anuiridh, agus ní theagadh iabh ar a bhéal ó a bheadh sé taobh isteach de dhorus ach ag stolladh cainte, agus ag scileigeadh bréag. Ach cá bhfágfadh sé é. Ba dual dó siúd a bheith in a fhilidhe (c.f filidhe). Bhí sé in a dhream. / A dhranndailín dhona d'eireochainn in do phutogaí mara gcaithidh tú thart an chaint sin. Tá mé ag éisteacht leat 'chuile oíche ó tháinig an bhliain ag coireamhaint ar 'chuile dhuine, agus nach fearr an aghaidh ar aon-duine coireamhaint ná ort féin. M'anam-sa ná raibh ag an Diabhal go mbrisfinn do dhranndal ar a chéile má chloisim dor uait aríst anocht. / 'Sé an dranndailín sin atá suimeamhail — agus bastalach. Diabhal aithne air nach obair atá sé in don a dhéanamh. 'Sé a leithide is measa a bheadh — duinín dona nach ndearna tada ariamh /[Eirigh as seo agus ná bí in do dhranndailín annsin ag gáiridhe agus ag sciotráighil gan údar faoi'n domhan. Agus a liachtaige teach ins an tír a mbeitheá ar an gceird sin ann, a gcuirfí do dhrad síos in do phutógaí — agus gan peárail ar bith a ghlacadh leat faoi, ach oiread. Ní éadáil ar bith thú do'n áit a mbeidh tú]/

Dubhrabhán: ainm-fhocal, geineamhnach uathaidh agus ainmneach iolraidh: dubhrabháin
Dubhrabhán (: dūrəwān) = talamh a mbíonn an chréafóg agus an gaineamh meadh
ar mheadh ann nó ionann agus é. Tá cineálachaí áiride dubhrabháin ann de
réir na talmhana nó de réir an méid gainimh a bhíos thríd an gcréaf-
óig. An dubhrabhán dubh: ní bhíonn aon-chloch bheag ann ná mórán gainimh.
Annsin tá dubhrabhán láidir, dubhrabhán fliuch, dubhrabhán tirm,
dubhrabhán domhainn agus eile ann. Dubhrabhán de chineál eicínt an chuid
is mó de thalamh na h-Éireann. (Loam)

Talamh dubhrabháin a bhí i leath na muinge, agus talamh cloch bheag 'sa leath
eile / Dubhrabhán dubh é in íochtar agus in uachtar. Talamh tirm créafóg
dhubh. Dubhrabhán tirm an talamh is fhearr / Dubhrabhán: sin talamh
nach mbeadh mórán cloch bheag ná gaineamh thríd, ach an chréafóig ar
a h-aghaidh féin /[An bhfeiceann tú garrdha Dh. Fh. sin thuas agamsa. Sin
ithir dhubhrabháin: ithir dheas bhog agus í leasuighthe go maith. Creafóg dhubh
í. Ní dubhrabhán é garrdha Dh. Fh. se'agaibhse: cloch bheag é. Tá sé do-
leasuighthe thar mo gharrdha-sa. Tá agus an do-leasuighthe, agus níl an tabh-
airt ann ar aon-chor / Dá mbeadh dubhrabhán láidir agad, agus craiceann
maith air, agus gan é a bheith ro-uisceamhail, sin é an dóigh cruith-
neacht' a mhic ó. Deir siad go bhfuil talamh na h-áite seo ro-
caithte do chruithneacht. Feacha an barr a bhí annsin thíos i
mbliana ag A. Bhí sí cho maith le cruithneacht Achréidh]/ Dhá mbeadh
talamh deas dubhrabháin tirm ann thíos annsin le íochtar, ní bheadh
cinneamhaint air l'aghaidh "swedes". Bhí siad agam-sa anuiridh annsin
thíos inGarrdha M. L. an togha go deo / 'Sé an talamh
dubhrabháin an buachaill l'aghaidh 'chuile rud: l'aghaidh na cruithneacht'
agus na bhfataí, agus na dturnapaí agus na dtorthaí, agus 'chaon tsórt. 'Sé
talamh na beatha é. Mara bhfuil corr-ghiodán dubhrabháin agad 'sa tír
seo, tá tú in an-chaoi. Do cheannfinne ní choinneochadh na taltaí
eile leasuighthe ná glanta /[Mara bhfuil an domhainn agus an triomach 'sa
dubhrabhán, ní fiú dhuit a rádh go mbeidh aon-mheangail air, is cuma cé'n
leasú a ghabhfas air. Chonnaic mé annsin thuas anuiridh agam iad 'sa
nGarrdha Páirteach …]/ Dubhrabhán éadtrom é. Ba cheart go dtiubhar
-fadh sé eorna maith go leor. Ach beidh pláigh shalachair innte cheap-

fainn. / Ab í an scainimheáin sin thiar! Ní bheadh seasamh ar bith aice sin dhá dteagadh spalpadh mór, fearacht na bliana anuiridh. B'fhearr dhuit a dhul in éadan an dubhrabháin i mbliana. Cé méad bliain atá craiceann ar an bpáirc sin thuas agad / Dhá gcuirtheá daithín beag de'n "dearg" (: feamainn dearg) air sin, bheadh togha turnapaí agad ann. Dubhrabhán deas tirm é, mara bhfuil sé ro-spíonta /[Níl a fhios agam faoi mo righe cé'n t-údar a mbuaileann maotháin 'chuile bhó a chuirim 'sa talamh sin thoir. Dheamhan a mbíonn coicís ann dóib aon-uair, go mbíonn siad orra. Shílfeá gur dubhrabhán maith é, marab é a bhfuil d'uisce air atá dhá dhéanamh. Deir daoine go ndéanfadh sé é / Má's dubhrabhán fhéin é, tá sé sin ina stupóig. Beannacht Dé dhuit tá sé chomh céir-eáilte, agus nach dtarraingeochthá do chosa as, tada leis / Tá an dubhrabhán sin cho h-uaibhreach, cho séasúrach sin, agus nach maith go mbeadh a fhios agad, céard ba cheart a dhéanamh leis. Ní fhéadfaidh mé a leigean amach 'un báin ar aon chor]/ Má fhaghann tusa dubhrabhán deas tirm, nach mbeidh ro-dhubh críochnuighthe, ní sháróchadh an saoghal é. Ach is beag de'n talamh sin atá annseo. Nuair a bhíos dubhrabhán fhéin ann, bíonn sé ro-fhliuch nó ro-éadtrom i gcomhnaí /

Dearg-laoch: rud beag mín ar nós an fhraoigh, agus thríd an bhfraoch a bhíos sé ag fás. Sórt caonaigh é agus dath glé-dhearg nó glas air. I locháin nó in áiteacha 'sa bportach a mbíonn comhnaí an uisce ionnta a fhásas sé. Ní theagann bláth ar bith air. I bportaigh boga nó uisceamhla a bhíos sé, ach d'fheicfeá ar riasca freisin é agus ar thalamh a saothruigheadh ó'n gcriathrach. [ainm-fhocal; fireann; geineamhnach uathaidh: an dearg-laoich (: lī) / Tá go leor dearg-laoich (laoigh) annsin. Chaithfeadh sé go mbeadh an portach sin éascaidh = comhairtear go mbíonn an mhóin éascaidh ar a baint 'san áit a mbíonn an dearg-laoch /[Tá an áit faoi chaonach liath agus ruille bhuidhe agus dearg-laoch fré chéile / An-leabaidh beithidheach é an dearg-laoch sin, ach an fraoch a bheith thríd. Is minic a chuir mé easair dhe isteach faoi bheithidhigh]/ Sin é anois an dearg-laoch. Ní fhásfaidh sé thairis sin. Is beag an baoghal go bhfásfadh sé cho h-árd leis an bhfraoch. Ní mórán de'n inchinn shléibhe atá ar na

portaigh se'againne chor ar bith / Tá mé ag réabadh dearg-laoigh ar an aimsir seo (: ag baint phortaigh dearg-laoch). Má tá féin, is furasta í a mhunláil, ní hé fearacht portach na bliana anuiridh é. Mise i mbannaí gur beag 'e leacógaí a dhéanfas an mhóin seo nuair a chaithfeas tú suas í, ach bhí na portaigh eile dubh-dhomhainn /[Dar leat fhéin nachar cheart do'n dearg-laoch sin a bheith deacair. Ní fhaca mé mórán portach ar bith dhá mbeadh sé, deacair ná do-bhainte ariamh. Ach ní bheadh a fhios ag duine cé'n sórt móin atá aníos 'sna criath-raigh domhainne seo / Talamh samha chaorach agus talamh dearg-laoigh atá suas annsin ar fad. Bheadh sé réasúnta marach an lobhadh bán, ach speireann sé sin na fataí i gcomhnaí ann. Lag-phuill saothruigh -the is mó é 'ar ndú! Seadh talamh M. Ph. as éadan a chéile]/ Dhá bhféadthá gabhail dearg-laoigh a fháil, agus gan faice fraoigh a bheith thríd, bheadh sé mín bog aice le luighe air. Is gearr suas annsin chor ar bith is call duit a dhul le fuighleach dhó a fháil /

Dubhach-mhóin, Donn-mhóin agus rl. fc. móin.

Donn-réidh (: dəuɴrɛ̄): ainm-fhocal; buineann.
Donn-réidh: adhmad portaigh ar nós maidí dubha nó giumhasaighe, ach gur deirge í ná iad sin, agus go n-imigheann an snáth díreach innte. Níl sí éascaidh ar a lúbadh. Cuirtear de rataí agus de thaobháin ar thighthe í ach níl aon-ghoir aice ar an ngiumhasaigh. Chaithfí a coinneál an-tirm, má chuirtear d'adhmad ar theach í, nó rodfaidh sí as a bun. D'fheicfeá freisin í faoi chúl-trághannaí issan gcladach ceathair nó cúig de throighthe ar domhain is san ngaineamh.

Donn-réidh uilig a cuireadh d'adhmad ar an teach seo. Níl aon-taobhán giumhasaighe ag gabhail leis. [Cuirfidh mé geall leat nach bhfuil. Tá a shliocht air: cho luath agus a tháinic aon-deoir de'n bháisteach anuas ann, thug na rataí uatha. 'Bhfeiceann tú an dhá chupla sin annsin. Dheamhan a fhios agam cé'n puínte a dtiocfaidh siad anuas faoi'n mullach orainn]/ Tá an donn-réidh an-ghann ar ghualainn na giumhasaighe. Níl portach ar bith suas annsin nach bhfuightheá carcair

ghiumhasaighe ann, ach do dhubhshlán fagh maide donn-réidh in áit ar bith thart annseo anois. Is fadó ariamh an lá nach bhfaca mé aon cheo dhi / Is mór de'n donn-réidh sin atá thíos ar an gcúltráigh thiar. Nuair a d'fhuadóchaí an gaineamh di (: de'n tráigh) de bharr stoirme nó bogadh le tír, agus nach mbeadh innte ach an bonn dubh sin 'nós na móna, bíonn an donn-réidh leis, agus í ingream-ús thíos 'sa móin. Bheadh ceathair nó cúig de troighthe de'n ghaineamh imighthe shul a d'fheicfeá iad. Níl indon an tráigh a nochtadh ach oibriú na fairrge. Má ghabhann tú síos aríst th'éis stoirme feicfidh tú féin iad, ach é a bheith in a dhiaidh-thráigh /[Thóig mé staic dheas de mhaide donn-réidhe thuas 'sa bportach anuiridh, agus chuir mé d'anró orm fhéin a thabhairt anuas abhaile annseo. Chaith mé annsin amuigh é, go dteighinn dhá shnoidheachan nuair a gheobhainn ionbhadh air. Dhá lá a bhí sé ann, nó gur scuabadh é de shiubhal oíche. Ar an mbaile soir a chuaidh sé freisin. Fuair mé lorgachaí na gcos, agus bearnaidheachaí leagtha go talamh amach go C. na gC. Ghoidfidís an tsúil amach as do cheann a dhearbhráthair mo chroidhe thú, mara mbeitheá dubh-áirdeallach / M'anam muise nach bhfuil de chailleadh ar an donn-réidh féin má dheisigheann tú amach ceart í. 'Sí atá ar an teach nuadh sin uiliog ag clann Mh. Ph. — an teach a rinne siad fhéin. 'Ar ndú, is annsiúd buailte orra atá a tabhairt amach. Dubhshlán aonduine drannadh léithe feiceamuist. An t-éan féin, ní chorróchadh d'oíche ná de ló nach mbeadh braithte ag duine eicínt aca]/

Drannadh, drantaireacht (drāɴtər ′ əxd; draɴtər ′ əxd), drantán (drāɴtān; draɴtān), drannaim (draɴəm ′) etc. = briathra agus ainm-bhriathra (drannadh, drannaim etc. drantaireacht), ainm-fhocal (drantán) = (i) madadh ag nochtú a dhraid ar tí áladh a thabhairt ar dhuine nó ar rud eicínt (: drannadh, drantán). (ii) Áladh a thabhairt ar dhuine nó ar rud; araoid a chur ar dhuine nó ar rud; rud nó duine a thaobhachtáil; bacadh le rud; bearnú nó diomallú a dhéanamh ar rud (: drannadh, drannaim agus rl.). (iii) srannán nó cliar (: drantaireacht). (iv) giúnaighil, mion-thafann, nó grúscán de thafann (: drantaireacht, drantán). (v) gruscán, casaoid, banrán

(: drantán). (vi) portaidheacht, ceol múchta, bog-chronán (: drantán). (vi) drandal nó cáir nó strainc a bheith ar dhuine (: drantán, drantaireacht)

An bhfeiceann tú an madadh ag drannadh (: ag drantán freisin). Coinnigh i leith, nó b'fhéidir gur breith ort a dhéanfadh sé / Tá rud eicínt ar mhadadh T. Sh. Dhá bhfeictheá cho glórach agus a bhíos na súile aige agus an drannadh a bhíos air. Béarfaidh sé ar dhuine eicínt as a dheireadh. Dhá mbeadh unsa céille aige, d'árdóchadh sé leis é agus bháithfeadh sé é /[Dhá bhfeiceadh duine madadh ag drannadh fadó rithfeadh sé 'sna feire-glínteachaí uaidh, faitíos gur dúchas a bheadh air. Ba dearg-chontabhairt iad an uair sin ar chaoi ar bith, agus daoine ag dul thart ag iarraidh glinneadhachaí a bhaint as rible (: drible, driobaill) na madraí a rug orra]/ Níl aon-oilbhéas ann le aon-duine eile, ach tá an t-oilbhéas ann leo sin suas, mar bhí siad ina ndroch-cheann dó ag caitheamh cloch leis, agus ag saghdadh mádraí eile ann. Nach maith a choinnigh sé an faltanas istigh ariamh dóib ina dheidh sin. Dheamhan uair dhá bhfeicfidh sé duine aca, nach dtosóchaidh sé ag drannadh, agus cuirfidh sé colg air féin / Tá an brocaire beag sin aige in a sceanadóir chruthanta. Thosuigh sé ag drannadh leis an bpáiste sin trathnóna, agus shílfeá gur mó dhá fhonn a bhí air a h-ionnsuighe marach gur chas Dia ann mé / 'Bhfeiceann tú anois? Ní thaobhóchaidh sé an canda aráin cho uain agus a bhéas an cut ag drannadh mar siúd leis. Tá an-fhaitíos aige roimh an gcut /[Tá cut fiadháin soir annsin is na tomachaí agus is "job" é a thaobhachtáil. Chuaidh sé isteach 'san abhalltóir atá ag Brocach an Mh. orm indé agus thosuigh sé ag drannadh liom. Dar fiadh ní thaobhóchadh an madadh isteach ann, agus nuair a chonnaic mise scáth ar an madadh roimhe, níor chur mé féin aon-araoid air]/ Bhí muid ag caitheamh le easóig annsin thuas indiu, agus ba mhór an t-ár í ag drannadh agus ag caitheamh seilí amach. An bhfuil feithideach ar bith cho dána léithe. Bhí ceathar nó cúigear againn in a h-éadan, agus dheamhan claonadh a dhéanfadh sí in a dheidh sin ach ag síonghail agus ag drannadh. Smíochadh í faoi dheireadh

le clocha / Tosuigheann an bitheamhnach ag drannadh mar a bheadh madadh ann le teann cuilg agus droch-mhúineadha. Is uaidh a theastóchadh an iarraidh! / D'íosfadh sé sin thú beo beithidheach. An bhfeiceann tú an chaoi a dtosóchaidh sé ag drannadh, nuair a bhuailfeas taghd é. Dheamhan aithne air nach madadh é /[Bhí amharc agam ar an mbroc istigh agus é ag drannadh amach leis an madadh. M'anam má bhí fhéin nachar thaobhuigh an madadh é, ná gur beag an baoghal a bhí air]// Ní bhfuighidh tú cead drannadh leis = ní bhfuighidh tú cead méirín fhliuch a leagan air = ní bhfuighidh tú cead a dhul ag fiachadh air = ní bhfuighidh tú cead a thabhairt leat, ná a bhearnú etc. / M'anam nach dtiubharfadh P. cead dó drannadh le M. Dhá dtugadh ní fhágfadh sé aon-cheo dhó indiaidh a chéile / Ma fhaghann sé cead drannadh leis déanfaidh sé aon-lá amháin dó = marbhóchaidh sé é / Do dhubhshlán drannadh leis an ngasúr anois. Is deas an buach-aill óg thú, nach bhfuil de chomórtas agad ach gasúir le dhul ag troid leo /[Ní leigfidh an faitíos dhó drannadh leat, mar chuaidh bannaí air ag an gcúirt seo caithte, agus má bhriseann sé an bannaí gabhfaidh bliain air, de ghorta gharta / A ndubhshlán dhrannaidís leis an asal sin anois. Dar fiagaidhe má dhrannann, déanfaidh mise cleas eile]/ Ní dhrannfadh sé siúd le aonduine, dhá mbeithí gan aon-araoid a chur air, ach daoine atá ag séideadh faoi, agus dhá chur thar bharr a chéille le cumadóireacht / Ní bhfuighidh tú cead drannadh leis an airgead beag, dhá gcuirtheá do shúile ar chipíní dá iarraidh. Is beag an baoghal. Fuair tú coróin gheal Dé Domhnaigh seo (gha)bh thart, agus is diadhachta dhuit a deireadh a bheith caithte fós agad /[Is beag, beag an baoghal go ndrannfaidh sé le na fataí sin. Nuair a bhí mise ag fáil a n-anró sin, bhí seisean ag imeacht ag gabhail "Laddie o'Lee" síos annsin, agus shílfeá go mbadh aicíd a bhí in a gharrdha féin a laghad agus a thaobhuigh-eadh sé é]/ Dar príosta ní fhéadfar drannadh leis an airgead.
Tá air sin a dhul in a bhealach féin. Níl aon-bhreith ar an gcíos hébrí céard a dhéanfas aon-rud / M'anam nach bhféadfaidh sé drannadh le na beithidhigh, mar gur beag de bhaint atá aige dhóib (: dhíob?). Féadfaidh sé a rogha rud a dhéanamh leis an leath-

ghabhaltas mar 'sé a chuid féin é / Á beannacht Dé dhuit! Ní dhrannfaidh mé leis an éadáil sin (: poitín) le mo mharainn aríst. Chuir sé ag déanamh mullach cinn mé an oíche faoi dheireadh, agus d'fhága sé rae roilleacán in mo cheann ó shoin /[Ní dhrannfadh sé leis an bhfeoil dhá naomhtaí é. Deir sé go gcuireann sí dógh croidhe air / Ná tabhair blas an gharrdha sin do'n diabhlánach do ghamhain sin anois, nó ní choinneochaidh do chumhachta as é. Ní fhéadfaidh sé drannadh leis sin go mbeidh na garrantaí seo thíos creinnte aca / M'anam nach raibh an duine bocht sin ag iarraidh drannadh le aon-duine marar cuireadh bréag air. Dheamhan é muis, ba é an fear ba shásta 'sa teach é]/ Ní dhrannann sé le bean ar bith anois. Tá an aois ag tuitim air /[Má dhrannann tú liomsa beidh rud ar a shon agad, beidh sin / Ní dhrannfainn leis an mbeithidheach sin dhá mbadh mé thusa. Is droch-údar é. Níl biseach ar bith faoi = ní cheannóchainn é]/ Níl sé ag drannadh leis an ól beag ná mór anois = ag pléidh leis / Is fadó an lá nach ndearna mé aon-drannadh leis an teach sin = a thaobhachtáil / M'anam muise nach bhféadfaidh sí drannadh leis an gcoca taobh thiar, nó go mbeidh scéal aice air = a dhul ann; rud ar bith a thabhairt as /[Ná drann len a chuid "feaigs" siúd, nó má fhaghann sé aon-cheann aca ar iarraidh, leag-faidh sé an teach dhá lúdrachaí. Ní shiúd é an ríbín réidh! / Nach bhféadfaidh tú leigean dó agus gan a bheith ag drannadh leis chor ar bith? Cé'n sásamh atá agad as a bheith ag siocadh leis?]// Tá an sean-bhuachaill seo istigh ar a chuid drantáin (: drántáin freisin) aríst = ag casaoid, ag grúscán, ag banrán / Ní sheasfadh an saoghal len a chuid drántáin. Sháróchadh sé thú maidineachaí. Bíonn sé ag mugailt agus ag grúscán agus ag banrán, ag fiafruighe cé'n fáth nach ndearnadh seo agus nach ndearnadh siúd. Is mór an tseanmóir é féin agus a chuid cainte / "A's drántán seanduine ar maidin níorbh áin liom é" = [líne as amhrán — "Táilliúr an Mhagaidh"] /[Leig de do chuid drantáin anois. Tá muid ag cloisteáil a' (: ar) ndóthain dhó sin, dhá mbeadh maith ann / Ara diabhal mé nach dtiubharfainnse toradh ar bith ar a cuid drantáin. Thiubharfainn a chead sin dó go mbeadh sé tuirseach]/ Tá an oiread grúscáin agus drantáin agad le seanduine a mbeadh míola

air. Shílfeá nach mbeitheá cho cantalach drisíneach sin / Séard a bhí
a dhéanamh leis nuair a chloisfeá ar an drántán sin é, cúl-bhadar
a thabhairt treasna an phuis dó. Níl cheal ar bith dhá fhágáil ar an
diabhal sin. Tá fuigheall na bhfuigheall aige, agus ní beo é gan a
bheith casaoid in a dheidh sin /[Bíonn an oiread drantáin aice
istigh annsiúd 'sa gclúid, agus go mbodhróchadh sí thú. Ach is maith an
chiall ag an dream é a chaithfeas éisteacht léithe i gcomhnaí / Bíonn
sé i gcomhnaí ar an drántán sin, mar dhóigh de gurb air féin atá
anshógh an tsaoghail agus nach bhfuil tada déanta; ach th'éis sin, dheamhan
duine faoi thalamh an domhain is soilgheasaighe ná is grádh diadhamh
-la ná é dhá mbeitheá in a chall]// Cé'n chiall do'n mhadadh sin
a bheith ag drántán (nó drantaireacht) ar an gcaoi sin = ag giúnaighil; ag grúscán
tafainn; gan a bheith ag tafann go h-acmhuinneach / Shílfeá gur
airigh an madadh sin rud eicínt tímpeall an tighe aréir. Chaith
sé an oíche ag drántán agus ag grúscán / Buail maistín de chic
ar an madadh sin a chuirfeas ó dhrantaireacht é. Cé'n sórt drántán
atá air ar feadh na h-oíche. /[Chuala mé an madadh ag drántán
thíos agus d'eirigh mé. Dheamhan ceo a fuair mé aige, mara
nealltrúchaí codlata a bhí air. Is minic a d'fheicfeá madadh
ag brionglóidigh thrín a chodladh.]// An gcloiseann tú
ag drantaireacht é! Nach hé a rinne an t-ól! = srannán
nó cineál piacháin in a phíobán agus é idir a chodladh agus a dhúiseacht / Chaith
sé an oíche ag drántaireacht mar chonnaic tú féin é. D'ól sé
an-ghliúrach. Marach gur ól, ní bheadh sé mar siúd / Ní thaithnigh-
eann liom í a bheith ar an drántaireacht sin, mar bheadh
sórt cliar innte. Shíl mé go raibh sí as indé, ach m'anam nach
bhfuil sé as a crioslaigh fós aice /[Tá sé séidthe suas uiliog.
Ní mheasaim gur fear é atá folláin th'éis a bhfuil de ghrís-
cíní air. Bíonn sé ag drántaireacht i gcomhnaí, agus ní shiubhailfeadh
sé as seo go cladach gan saothar an diabhail mhóir a bheith ann / Ná bí
ag drántaireacht mar sin i gcomhnaí. Shílfeá go bhfuil cnead
ionnad. An bhfuil aon-cheo ag dul duit?]/ Chaith sé an oíche annseo
ar an teallach agam, agus gan smid ar bith chainte aige, ach é ag
drantaireacht leis // Shílfeá go bhfuil drántán ceoil ag na

h-éanachaí indiu. Shíl mé, dheamhan éan ar bith a bhí beo indiaidh an tsneachta mhóir / "Má ghníonn tú do theach annsin" arsa mise leis, "beidh aghaidh gréine agus cúl gaoithe agad ann. Is áit aerach fholláin é. Tá comhgar siopa, bóthair, agus cladaigh ann, agus cloisfidh tú drántan ceoil ag na h-éanachaí 'sa gcoill 'chuile lá 'sa mbliain" /[Shílfeá go bhfuil drántán ceoil in áit eicínt siar ann-seo. Ní féidir gur ag dul ag damhsa ar an mbóthar a bheidís aríst, th'éis gur dhíbir an sagart as iad 'san oíche Dé Domhnaigh seo (gha)bh thart / Chuala mé féin drántán ceoil i dteaichín beag chois an bhóthair agus isteach liom ann. Ba ghearr gur phlúch an teach isteach, agus thosuigh an siamsa. Dheamhan mo chos ná mo chnámh fhéin a chorruigh as go maidin. Go deimhin bhí oíche chroidhe-dhílis agam ann / Ní bhfuair tú tuairisc faoi áit ar bith a mbeadh aon-drántán ceoil ann anocht. Áit ar bith anois níos goire ná Ceann Léime a mbeadh sé thiubharfainn an tabhairt orm fhéin, da mbadh de shiubhal mo chos é!]/ Bhí sé istigh agus an páiste in a bhaclainn aige agus é ag casadh drántáinín ceoil dhó ag iarraidh é a bhréagadh. Rath do cheirde istigh annsin ort arsa mise liom fhéin // Rinne sé drantán de gháire = strainc nó cáir, nó an drandal a nochtadh go flith-mhagamhail / Tá gáire aige mar a bheadh drantán madaidh ann = drannadh madaidh; madadh ag nochtú a dhrandail / An bhfeiceann tú an drantaireacht de gháire atá ar an leiciméara. Ubhall a leise a bhí a chur as a áit le snaoim (: snaidhm) /[Ní lughar liom an diabhal ná an drántán de gháire siúd atá aige. Sin é féin an gáire gann gortach gangaideach / Ná bí ag déanamh madaidh dhíot féin ag drántán gháire mar sin. Má tá gáirí le déanamh agad, déan ceart é, sin nó leig dhó]/ Diabhal bean dhá bhfeiceadh é siúd ag drantaireacht gháirí léithe nach ngreadfadh 'sna fáscaí uaidh. Tuige nach ngreadfadh. Nach sílfeadh sí gurb é ithe an mhadaidh a bheadh sé ag dul a thabhairt uirre. Go deimhin ní mheallfaidh sé bean len a gháirí choidhchin ar chaoi ar bith / Bhí drandal an mhagaidh ar an mbitheamhnach agus é ag drántán gáirí fúm. Ní mórán a ghoill mo bhris air ar aon-nós. Ach dhéanfadh muintir an bhaile sin gáire leis an olc go maith. An bhfuil dream ar bith is measa croidhe ná iad /

Draoi: ainm-fhocal; fireann [níl aon uimhir iolraidh ceart air mar is annamh a bhíos sé ins an iolraidh. Bíonn draoidheadóirí air scaithtí, cé gurb iolraidh é sin do dhraoidheadóir]

Draoi: (i) Fear draoidheachta; draoidheadóir; fear feasa; ridire comhairleach — gleacuidhe; sean-dall glic.

[i scéalta amháin a bhíos an chiall seo. Is rí-annamh a bhíos sé i gcaint ag aonduine cé's moite de dhream a thóigfeadh as leabhra é. Ach tá ciall a (ii) rí-choitianta. (ii) an domhnuidheacht; go leor leor; a lán; brat; dalladh; an-lear; seala mór; na táinte.

An draoi breacach = an draoi bratach (: tá an dá leagan air) = áit a bheith druid -the le rud; áit a bheith faoi rud; áit a bheith breac ballach le rud; an-lear go deo de rud agus rl. a bheith ann; na táinte

Tá an draoi amuigh indiu. A Dhia dhá thárrtháil. Tiocfaidh athrú eicínt ar an saoghal go goirid muis = duine a bhíodh ag cothú an tighe. Tá sé i gceist go raibh sé in a shean-dall glic agus go raibh fios aige /[Bhí an draoi seo thiar ag M. Ch. ag rádh nach mbeadh an cogadh thart fós go bhfeicfeá suím aimsire. Tá fios (= fáistine, tairngaireacht) aige siúd pé'rbith cá bhfuair sé é]/ Déan-faidh siad draoi de siúd. Tá an oiread achair caithte i gcoláiste anois aige, agus go mbadh cheart go mbeadh sé féin indon na máistirí a mhúin-eadh. Ach sílim dheamhan thairis sin de ghaisce fós air / Is beag a bhéarfadh orm draoi a dhéanamh dó sin. Níl sé feilteach do rud ar bith eile. An bhfuil a fhios agadsa céard é an draoi. Chloisinn S. Ó. M. ag cur síos air i scéal dá raibh aige /

Tá an draoi aca ann = an-lear /[Ná bac leo sin a mhic ó. Tá an draoi dhíob sin ann. Ní fhaca tú a leath. Tá grifisc bheag ann, nach bhfuair tú amharc ar bith orra; go dtí deolcachán na cíche féin tá sé ann]/ Tá an draoi fataí breac amuigh imbliana, hébrí cé'n smál atá orra. Shílfeá gur bliain bhreagh a bhí innte, agus nach bhfuair siad tsiocair ar bith le breacadh mar sin.

'Chuile shórt ag dul in aghaidh an duine bhoicht mo léan /[Chuala mé go raibh an draoi bainbh ar an aonach indiu, agus gan fear a bhfiafruighthe ann. Gheobh-fá péire banbh indiu ar shlad-mhargadh, ach nach raibh a fhios ag na daoine é / Tá an draoi talmhana aige agus é leigthe i léig cheal an té a shaothróchadh é. 'Ar ndú' ní fear talmhana é siúd. 'Bhfeiceann tú na bárrannaí sin suas ar fad atá faoi mhuing-luachair anois. Bhídís sin ar fad curtha le linn a shean-athar. B'fhiú dhó an talamh siúd uiliog a thabhairt do dhuine eicínt

ar chuntar go gcoinneochadh sé curtha é, ach gan scaradh leis amach agus amach é féin … Duine eicínt nach mbeadh aon-talamh aige féin. S. N. nó a mhacsamhail /[Tá an draoi sionnach anois ins na clochair sin siar. Tá siad beo leo ó a tháinig an cogadh agus nach bhfuil aon-phúdar le fáil. Go gcuiridh Dia an t-ádh ort! Nach ndearna siad sladadh orainn. Dheamhan thiomanta cearc de cheithre cinn déag nachar árduigh siad uainn anuiridh. Tá muid bánuighthe aca. / Tháinig an draoi feamuinn dearg anuiridh. Bhí aoirde crann-báid di ins an gcladach agus lobh a leath; cheal gan na daoine a bheith indon freastal di. Ná bac le sean-leasú anois ó thosuigh an táirm seo: ag déanamh bóithrí / Thug sé sin an draoi airgid as Sasana. D'eireochadh dhó agus é sé bliana ann. Duine ar bith a chaith aon-achar i Sasana roimh an "Income Tax", tháinig sé abhaile in a ridire. Feacha mac C. a bhí indon feilm thalmhana ' cheannacht len a raibh aige dhá bharr / Cheannuigh sé an draoi beithidheach anuiridh agus gan aon-áit aige len a dtógáil, ach thiar ins na diomallachaí achrannacha sin thiar nó gur bascadh agus gur cailleadh iad. Cé'n ghna atá ag duine a dhul ag bualadh faoi stoc, mara bhfuil deis a dtógál' aige. / Bhíodh an draoi uisce ar a chuid talmhana nó gur thriomuigh an cliamhain seo é. Rinne sé clascannaí agus tóchair, agus thóig sé na sean-chlascannaí. Bheadh sé ó mhaith fré chéile fadó, marach é]/ An bhfuil poitín le fáil ann ab eadh? Tá an draoi. Bhí sé in a shnáth mara indiu ann ar aon-chor. Bhí chúig iarraidh réidh ar an mbaile thoir, agus duine nó beirt eile ag déanamh. Má bhíonn easbaidh ann an Nodlaic seo, ní easbaidh poitín é ar aon-chor / Mná! Is ann atá an draoi. Gheobhfá mná ar árdú orm ann. Bhí siad aniar amach ann — scúillí móra míllteacha agus iad cho marbhthánta ar an urlár. Dheamhan eolus ar bith a bhí ag an gcuid is mó aca ar an damhsa atá againne / Bhí an draoi ag plé leis an móin annsin thuas imbliana — fir agus mná. Go dtí na patairí féin, bhí siad dhá dtógáil ann. Ag gróigeadh agus ag aithghróigeadh a bhí na mná, agus ag cur amach is mó a bhí na gasúir /[D'ól sé an draoi fuisce. Nach aige atá an acmhuinn air! Dá n-ólainnse ná thusa ar chuma ar bith a leath-oiread, is iomdha tradhall a bainfí asainn go mbeadh muid ins an mbaile. Ach dheamhan aithne deoir a bhí air]/ Tá an draoi gaothtaireachta aige agus gan cur leis ar bith. Chonnaic mé ar an ngaisce sin thoir tighe S. Ph. anuiridh é. Dhéanfadh sé cat agus dá rioball. Bhí sé ag baint achrainn as cosa idtaca as mac L. Bhuail J. na P. isteach. Níor fhan smid aige ar an toirt /

Tá an draoi ola le fáil imbliana. Níl cheal ar bith orainn anois ach cheal tae. Dhá mbeadh riar tae againn bheadh muid ar dhruím na muice / Bhí an draoi feola marbh ann an tseachtain seo caithte, ach fuaduigheadh ar an toirt í. Aindeoin cho daor agus atá sí — agus níl spóilín ar bith is daoire ná í — tá daoine indon a ceannacht 'na dheidh sin. Tá an draoi airgid ag teacht isteach i gcuid de na tighthe de bharr Shasana]/ 'Bhfeiceann tú na míola sin a bhíos ins an snáthmara. Sin iad na dreancaidí mara. Bhí an draoi breacach aca thíos annsin thíos imbliana ar an gconuas feamainn tirm a d'fhan d'fhuighleach ormsa. / Tá an draoi breacach de na míoltóga beaga sin amuigh imbliana. [Ní fhaca mé cho tréan le mo chuímhne cheana iad. Ar éigin a sheas mé aca ag tanuidheachan turnapaí an oíche faoi dheireadh. Fhobair siad mé a ithe beo beithidheach]/ Chonnaic mé an draoi bratach de na portáin sin thiar ar na gC. R. D'fheicfeá ina gcomhnuidhe iad ar chiumhais na trágha nó go dteagadh an lánmhara agus go scuabadh sé leis iad. /[Tá an draoi breacach de na faoilleáin agus de na cailleachaí dubha ann, bíodh iasc ann nó ná bíodh. Is cosamhail le áit é a mbeadh iasc ar aon-chor. Ní bheadh an staighean sin ag lonnú in áit ar bith mar sin, ach in áit a mbeadh báire éisc.]/ Tá an draoi breacach salach-air ins na fataí sin thoir. Chaith mé trí lá an tseachtain seo caithte ag gort-ghlanadh ar an dá chúl thoir, agus dheamhan an mó ná réidh a bhí mé ann in a dheidh sin. Tá sé loma-lán le muingbheara /[Níor mhór na clocha a phiocadh annsiúd sul a gcuirtear múirín ar bith air. Tá an draoi bratach aca ann. Chuirfeadh sé úais ort a shiubhal. Gasúir atá in a gcionntsioc-air le cuid mhaith dhíob — gasúir ag teacht ó'n scoil. Má's linn a chosaint imbliana l'aghaidh féir, tá sé in am a dhéanta anois / Marbhuigheadh an draoi breacach díob ar an abhainn i mbliana. Ní raibh an fear a raibh sí aige in ainm agus thar cheithre chéad a thógáil, ach mo léan géar, thóg sé an méid sin ar dhá dhola; agus chaith sé an bhliain ag tógáil in a dhiaidh sin / Bhíodh an draoi breacach aca ann 'chuile bhliain go dtí imbliana, ach níor tháinig siad chor ar bith i mbliana. Maran musán ar bith a bhuail an M. agus nach dtiubharfadh sé anuas iad. Bhí suaímneas ag an tír dhá bhfuireasbhaidh. Sháróchaidís na daoine]/ Bhí an draoi breacach de na Grialluiseacha (: 'gNiallghuis) ins an tír seo roimhe seo, ach ní fhaca tú aon-chine ariamh a ndeacha ídiú cho mór orra leo. Chuirfeá slat ar an bparáiste sílim indiu, agus ní bhfuightheá Grialluis istigh ann /

Draoidheacht (: drīxd): ainm-fhocal; buineann, geineamhnach uathaidh: draoidheachta.
draoidheacht: cumhacht mí-nádúrtha le go gcuirfí duine nó rud
in éagcruth nó ar mhalrait crutha nó cáilidheachta; geis; teir agus rl.

Bhíodh draoidheacht ag daoine fadó / Deir siad go mbíodh daoine ann san sean-reacht a mbíodh dubh-dhraoidheacht aca = draoidheacht dhalba, mhínósach. / Ná cuir araoid ar bith ar na cailleachaí fis sin. Bíonn draoidh-eacht aca sin / Tá draoidheacht eicínt ag an mbitheamhnach sin. Nach cóir nach bhfeiceann duine ar bith ag imeacht ná ag teacht é. Is fadó an lá adubhairt mé go raibh sé 'sna daoine maithe / Ní mór dó draoidheacht anois ar chaoi ar bith, mar tá sé i ladhar an chasúir ceart, agus gabhfaidh sé go snaidhm na stothaighe leis a theacht as / Le draoidheacht a rinne sé é, 'deile! / Tá draoidheacht ar an ór atá annsin thoir inGarrdha na h-Uiliúir = tá an t-ór ann, ach ní féidir a fháil. Tá sé do-fheicsiona / Tá draoidheacht ar na cistí sin ar fada /[Tá ciste annsin thuas i nG. an tSl. se'agaibhse agus é faoi dhraoidheacht. Níl indán fáil air go dteagaidh triúr de mhuintir Dh. — trí cholceathar — agus gheobhaidh siad-san é. / B'fhéidir go bhfuil draoidheacht air, má tá sé ag cinnt oraibh a fháil / Deir siad go mbíonn draoidheacht ar an iarann / Tá oileán annsin amuigh atá faoi dhraoidheacht / Tá oileán faoi dhraoidheacht amuigh san gcaoláire adeir siad. Dhá dteigheadh duine amach air nuair a bhíos sé leis 'chaon seachtmhadh bliain, agus píosa iarainn a chaitheamh air, bhainfeadh sin an draoidheacht dhe / Bhí fear inG. fadó agus bhí sé de dhraoidheacht aige go raibh sé indon capall a dhéanamh de bhó]/ Bhí sé de dhraoidheacht ag an gcailligh an méid a mharbhóchaí 'san oíche go slánóchadh sí aríst iad roimhe mhaidin / Thug sí cochall dó, agus bhí draoidheacht 'san gcochall. Cochall draoidheachta a bhí ann. Ní mba léar do dhuine ar bith faoi thalamh an domhain é, chó uain agus a choinneochadh sé an cochall air féin. / Sin í an cailín a raibh an draoidheacht aice. Bhí agus an-draoidheacht / Bíonn draoidheacht agus easarlaidheacht ag a léithidí sin / Chuaidh sí ag cur draoidheacht' dó, agus rinne sí cloch ghlas dhó / Tá sé sin indon duine a chur faoi dhraoidh-eacht / "Cuirim faoi gheasa droma (dubha freisin agus troma) draoidheachta tú", adeir sé "gan an dárna béilí a ithe ar aon-bhord, ná an dárna h-oíche a chodladh ar aon-leabaidh, nó go dtugaidh tú agam

-sa … " / Cuireadh ina chodladh i leabaidh dhraoidheachta é / Bhí bád draoidheachta aige / Tháinic ceo draoidheachta orra a mhair naoi lá / Bhuail sé dhá shlat (shlaitín) dhraoidheachta é / Chuala sé ceol draoidheachta istigh 'san gcnocán / Casadh isteach ar oileán draoidheachta iad / Fuair sé leabhar dhraoidheachta len a ais /

Draoidheadóir (: drīdōr ′): ainm-fhocal, fireann.
Draoidheadóir, draoidheadóirín = draoi; duine a mbeadh buadhannaidheacht thar cíonn aige; ach an luighe is mó atá is an gcaint anois air: duine a mbeadh go leor nathaidheachta aige, nó a bheadh ag imeacht ag cleasaidh -eacht i gcois íseall, nó a bheadh in a ghleacaidhe nó a leithid.

Rug an draoidheadóir ar a shlaitín dhraoidheachta agus tharraing sé iarraidh dhi ar an gcú, agus rinne sé bean di / Draoidheadóir a bhí 'san gcailligh agus chuir sí geasa air / Tá an draoidheadóirín sin thíos ar an mbóthar ag tiacht aríst. Mise imbannaí go bhfuighidh sib caint agus nathaidheacht anois / Is diabhlaí an draoidheadóir de dhuine é. Níor bheo é mara mbeadh sé ag dul thart mar sin ag déanamh ballodhair de 'chuile dhuine. Fhobair nach bhfuair sé luach a chuid gnaithí ó Sh. Ph. an oíche faoi dheireadh / Bíonn sé ag imeacht in a dhraoidhead -óirín mar sin síos faoi chladaigh i gcomhnaí, agus gabhfaidh sé i bhfalach má fheiceann sé aonduine ag déanamh air. Shílfeá gur fear luibheannaí é an deis a bhíos air / Tá an draoidheadóirín is mac dó ibhfus ar cuairt indiu. Is deacair an ceann céadna a bharraidheacht /

Draoidheadóireacht: ainm-fhocal, buineann ag freagairt do dhraoidheadóir.
draoidheadóireacht: a bheith ag cur nó ag déanamh draoidheachta; ach ní shin é an chiall is mó 'san gcaint anois leis ach a bheith ag imeacht go saobhnósach, go h-aisteach, go rúnmhar, gan aon-fhorás nó a leithide.

Ag imeacht ag draoidheadóireacht mar sin a bhíos sé sin i gcomhnaí.
Is furasta aithinte ar a gharrdha é. Tá sé giobach / Dheamhan smeach ar bith a ghníos sé sin ach ar an draoidheadóireacht sin. Mo léan géar is deacair fios a intinne a fháil in a dheidh sin / Leig de do chuid draoidheadóireacht anois, agus labhair go céillidhe mar a dhéanfadh fear. Ní cúrsaí mugadh magadh é seo chor ar bith /

Draoib = ainm-fhocal, buineann, geineamhnach uathaidh = draoibe

Draoib = lathach, puiteach, clabar, greallach, múnlach locháin tar éis báistighe.

Tá tú faoi dhraoib ar fad / Níl duine ar bith a thiocfas an bóithrín sin nach mbeidh faoi dhraoib / Bhí draoib an bhóthair uiliog air / Thuit sé agus bhí sé faoi dhraoib na sráide fré chéile /[Thuit sé ins an draoib agus milleadh é ar fad / Ní bheidh tú sásta anois go gcuiridh tú draoib ar do chulaith nuaidh. Cé'n sórt sraimleacháinín thú fhéin thar ghasúr ar bith. Sin é féin thú]/ Baineadh truisle as agus síneadh ins an lochán é — loch-án de'n draoib dhubh sin. Níor fágadh oiread agus puintín bioráin ó mhullach a chinn go bonn a choise nach raibh in a bhog-eibhinn / Bhí sé cho dallta agus nach raibh a fhios aige céard a bhí sé a dhéanamh: fear ar bith a chaith é féin siar, agus a thosuigh dhá ionnfairt féin i ndraoib na sráide. D'áitigh mé féin dhá chiceáil len a chur in a shuidhe ach ní raibh aon-mhaith ann / Sin é an sórt spágachán é. Is maith an dícheall do dhuine glantachán in a dhiaidh áit ar bith a leagfaidh sé a chois. Tugann sé draoib an bhaile leis igcomhnaí ar a bhróga /

Draoibeáil: Briathar (as draoib) = a shalú le draoib; puiteach, clab -ar, greallach nó latach a chur in aer; an lathach a chur suas le (do chuid) siubhal nó le gluaiseacht; do chuid éadaigh a mhilleadh le rud an bhóthair.

Dhraoibeáil sé é féin uiliog, ach is minic leis, an basachán bradach / Tá a cuid stoicíní draoibeáilte aice. Go deimhin ní coisbhirt iad na stoicíní sin l'aghaidh lathachaí na h-áite seo / Tháinic an madadh isteach aige agus é draoibeáilte de bharr na h-abhann. Bhrath sé ar an bpuinte cé'n "rantáil" a bhí air. /[Shílfeá gur thuit tú in áit eicínt. Tá tú draoibeáilte ar fad / Fan isteach as bealach an mhótair sin nó draoibeálfaidh sé go dtí an dá cluais thú]/ Tá mo bhríste draoibeáilte go bléin, in áit nach bhfuil "aon-mhudguard" agam ar an "mbicycle" / Níl rud ar bith dhá dtiocfaidh in a ghoire nach ndraoibeálfaidh sé. Is geall le sean-ghiorrán Achréidh é ag cur phuitighe in aer / An ndraoibeálann tú thú féin mar sin 'chuile uair dhá dteigheann tú amach? Is cosamhail go ndraoibeálann

mar feicim mar sin thú go h-acht agus go h-áirid. Breagh nach mbeadh stuaim eicínt ionnad ag siubhal, agus gan thú a bheith ins an riocht sin i gcomhnaí / Rinne sé a raibh de mhná amach roimhe a dhraoib-eáil le lathach. 'Chuile áit a dtiocfadh sé ar lochán maith lathaighe chuirfeadh sé barr na bróige faoi, agus chuirfeadh sé amach orra, é dhá sean-urchar. Bhí cuid aca le cuthach faoi /[Tá mé draoibeáilte uiliog. Leagadh a dhó nó trí de chuarta mé ag teach thríd an gcurrach sin thoir. Tá an oíche an-dorcha]/ Draoibeáladh uiliog mé agus mé ag iarraidh a dhul aníos ann ar mo bholg. Níl aon-tsnáth éadaigh ar mo chraiceann nach bhfuil bog báithte /

Díoltachán = leagan eile ar díolachán (fc. díolachán)

Ní móin díoltacháin í arae níl sí sáthach seasmhach = ní móin í a bhféadfá a díol / Sin é an fuisce díoltacháin atá aige, ach coinnigheann sé an cineál atá ins na buidéil thall dhó féin. / An ndearna an siopa seo thiar mórán díoltacháin indé? /

Dídean: ainm-fhocal, fireann, uimhir iolraidh agus geineamhnach uathaidh = dídin.
Dídean = díon, fascadh, clúdach, árus, teach, bráca, bothán, lóistín

Níl an fascadh féin ann ní áirighim dídean (fc. fascadh) / Ní bhfuair muid fascadh ná dídean / Gheobhaidh sé dídean na h-oíche ann, agus céard eile a bheadh sé a iarraidh /[Dhá dhonacht dhá raibh an botháinín a bhí aca ní raibh siad doicheallach. Gheobhfadh sé dídean na h-oíche ann, agus thairg siad sin dó. Ach bhí sé ro-mhór ann féin le fanacht imbráicín mar sin. Is dona a chuaidh an leithead dó muis, ní dhá roint leis é]/ Níl mé 'iarraidh ach dídean na h-oíche. Sínfidh mé annseo ar an teallach nó go ndéanaidh sé lá. Annsin greadfaidh mé liom. / 'Nuair a theighimse ag cúirtéaracht, ní shásóchadh fascadh chor ar bith mé. Ní mór dom dídean a fháil cho maith. Is breagh an rud brat maith tuighe easca as do chionn féin agus do ghearrchaile mná! / Níl de dhídean aige anois ach dídean an tincéara: brat idir é féin agus an t-aer / Dhéanfadh dídean ar bith duine ins an samhradh. Bím féin an-bhruithte

istigh. Dhá mbeadh ceann de na cábáin sin agam a bhíos ag na saighdiúir bhainfinn an-cheart dhe, le codladh amuigh / Tá sé gan dídean muis má's i dtuilleamaí an tighe siúd atá sé. Teach mo léan! Ní h-eadh ná ainm tighe. Nach bhfuil 'chuile dheoir dhá bhfuil amuigh istigh aige! / "An dtiubharfá dídean na h-oíche dhom" arsa mise. "Tá mé go géar in a chall". / Níl dídean ná teálta annseo againn leis an oíche a chur tharainn. Má tá ní fheicimse é / [Níl dídean ná a dhath ag an duine bocht anois ach lorg cois na bó ar an gcneang-aire. Is deacair dhó aon-chaoi a bheith air, agus an bhail a chuaidh air]/ Tá sé feidheartha críochnuighthe anois, gan dídean le fáil i bhfus ná thall aige. Má tá féin, ní hé leath-chóir Dé é. Bhí sé fhéin go dona / Is olc an aghaidh ar an gceann céadna aon-dídean a thabhairt dó. Dhá gcastaí muid in a líon, is maith daoitheamhail a bheadh sé /

Deatach: ainm-fhocal. Fireann agus buineann? (Ní shéimhigheann sé aidiacht ina dhiaidh, ach glacann sé na ins an tuiseal geineamhnach uathaidh go minic i.e. "baladh na deataighe", "ag cur na deataighe amach". Ins an tuiseal geineamhnach uathaidh bíonn an fhuaim í — deataí — in a dheireadh. Cruthú é sin gur "ighe" atá ann arae dá mbadh -igh — "deataigh" — a bheadh ann, fuaim i — deatai — a bheadh ann mar a bhíos ins an tuiseal geineamhnach uathaidh d'fhocla fireanna i gcomhnaí i.e. coili(g), máirnéala(igh), a fhleasca(igh) agus rl.).
deatach = toit, gail, gail bhruithte, rossamh, púir; deannach; rúscadh

Tá sé ag cur deataighe in aer = ag diúgadh píopa go santach / Níor chaith mé aon-ghail thobac ariamh. Cé'n samhaoine dhomsa a dhul ag leigean deataighe le gaoithe / Diabhal bréag nach bhfuil tú ag leigean deataighe le gaoith, bail ó Dhia ort, agus cho daor agus atá tobac / Sin é a bhuac sin a bheith ag leigean deataighe le gaoith. Is dona uaidh a luach a shaothrú muis /[Ní dhearna siad faice ó mhaidin indiu ach istigh i lúibinn an chlaidhe ag leigean deataighe le gaoith. Sin iad an chuingir agad. / B'fhurasta deatach a leigean le gaoith roimhe seo, ach ó a dhaoirsigh an tobac, ní fheicfeá an oiread sin dhe.]/ Dar príosta, níl aon-deatach agamsa le scaoileadh le gaoith ach an oiread le duine ar bith eile. An síl-eann tú go bhfaghaimse mo chuid tobac in aisce. An té nach bhfuil tobac aige anois cuireadh sé giolcach in a phíopa /[Ba bhreagh uaidh deatach a leigean le gaoith anuiridh cho uain agus a bhí sé ag saothrú pighneachaí, ach caithfidh sé déanamh dá fhuireasbhaidh anois. An té nach bhfuil teine aige féin, déanadh sé a ghoradh le gréin, mar adeir an ceann eile]/ Ní feasach dom cé'n fáth a gcaithfinn tobac. Ag

leigean deatach le gaoith ab eadh? Is suarach an cheird a bheadh orm muis / Tá deatach aige seo thíos = deatach as an simléar / Sílim go mbeidh sib ar bheagán deataighe imbliana ar shon a bhfuil de mhóin tirm againn. An uair a bhí í a thapú fuair sí cead lobhadh ar na portaigh / Is maith luath atá deatach aige = is maith luath atá sé in a shuidhe / Níl dé na deatach ann (fc. dé) / [Níl an simléar atá ins an teach nuadh ag tarraint na deataighe chor ar bith, ach ag puthaighil 'chuile phuínte. Níor léar dhuit do láimh ins an gcisteanach scaithtí / Ní raibh puth deataighe againn cheana le coicís, ach tosuigheann sé (: an simléar) ag caitheamh anuas i gcomhnaí ar an ngaoith seo]/ Níl an puth féin deataighe againn anois ó a thóig J. Dh. láimh as cionn an tsimléir. Tharraingeochadh sé páiste de'n teallach anois. Roimhe sin bhíodh púir dheataighe ar fud an tighe i gcomhnaí. Bhí muid in ainriocht aige / Baineadh sé móin nó ná baineadh, bíonn púir dheataighe aige i gcomhnaí / Aiteann atá dhá dhóghadh ann. Is uaidh an phúir dheataighe sin / Níor léar dhuit troigh de'n bhóthar ann ag púireannaí deataighe go ceann trí lá th'éis na "bambála". / Tá roilléire deataighe aige seo thíos féin sáthach moch ar maidin. Chaithfeadh sé go bhfuil sé ag dul ins an tráigh indiu / Tá brionglán deataighe (dlaoidheoig dheataighe, striochlán deataighe agus rl.) as an simléar / Ní bhíonn deatach ar bith gan teine = má bhíonn cosamhlacht ann, ní bhíonn sí gan údar /[Ní bhíonn deatach ar bith gan teine. Mara go raibh aicíd eicínt ann, 'tuige a raibh siad ar fad in a luighe, agus gur chuir an dochtúr aithne ar dhaoine gan a dhul isteach ann]/ Marach go ndearna sé gaduidheacht eicínt, cá bhfuigheadh sé a raibh d'airgead aige. Ní bhíonn deatach ar bith gan teine / Breagh ar chuir sé caoi ar an teach agus ar chuir sé fuireann nuadh isteach marach go raibh rún pósta aige. B'fhurasta aithinte é. Ní bhíonn deatach ar bith gan teine, bíodh a fhios agad. Is beag an mhaith dhó a bheith dhá shéanadh anois. Ní phósfadh aon-bhean é: sin é a bhí air / Deatach ins an ngleannach agus gan aon-splanc ann = [tomhais] Bualtrach chapaill. / Bhrath na póilíos an deatach. Ní féidir an deatach a chur i bhfolach. Sin é an buille. 'Sé an deatach i gcomhnaí a ghníos spiadóireacht ar fhear an phoitín / Deatach le spóirt é = fear a raibh a theach dhá dhóghadh adubhairt é seo: mar dhóigh dhe, nach raibh an dream a bhí i láthair ann ach ag fáil spóirte ar an dóighteán / Is deatach le spóirt é mo chuid aitinn ó mhaidin = dhóigh gasúir é /[Má's deatach le spóirt aca sin é, ní deatach le spóirt ag daoine eile é. A dtabhairt 'un cúirte a bhí a dhéanamh, 'sé sin. Ní spóirt ar bith loscadh sléibhe de'n

tsórt sin.]/ Deatach le spóirt é agus is mairg nachar dóghadh é, mar adeir P. Sh. fadó agus an teach thrí lasadh / Tá deatach as an aoileach sin amuigh / Tá deatach as an gcarn aoiligh le neart an triomaigh atá ann. Ní fhágfaidh an stolladh sin rud ar bith gan spalpadh / [Tá an chruach choirce sin téighte. An bhfeiceann tú an deatach atá aisti. Coirce breoidhte a bhéas againn i mbliana / Chaithfeadh sé go bhfuil an coca feamuinne siúd ag lobhadh. Tá púir dheataighe as]/ An bhfeiceann tú an deatach sin thiar idir thú agus léas. Níl annsin ach gail thriomaigh. An-uair ag móin í ar chuma ar bith. / Tá deatach asta indiu le dubhachan (as guirt fhataí) / Bhí deatach as mo chuid éaduigh cho luath agus a leigeadh an teine chuca. Báitheadh go craiceann mé / Sin bualtrach úr. Nach bhfeiceann tú an deatach aisti fós / Bainfidh mé deatach asad mara dtugaidh tú mo "phump" ar ais agam /[Bhain sé deatach as an gcapall abhaile = thug sé neart bóthair di; bhain sé an-tsiubhal aisti / Baineann an máistir seo thoir deatach asta scaithtí muis, ach 'ar ndú, má bhaineann féin, ní milleán sin air. [Chuirfidís aonduine faoi'n ngréin ghil le báinídhe]]/ [Má leagann tú méirín fhliuch air, bainfidh mise deatach asad. Diabhal bréag nach mbainfidh]/[Bainfidh siad deatach as na Gearmánaigh anois, má tá siad cuibhrighthe mar sin aca. B'fhéidir nach miste beirthe é. Dhá mbeadh máistireacht aca féin, ní móide go mbeadh aon-ghaisce orra, ach an oiread le na Sasanaigh]/ Má fhaghann T. leigean ar bith ar Ph. bainfidh sé deatach as de bharr an chleas a rinne sé féin air /[Chuaidh sé suas an bóithrín indiu, ag baint deatach as an asal. Níl aon-tsnaoim (: snaidhm) dá raibh sé a thabhairt dó nach gcloisfeá thiar dtuaidh]/ Bíodh sé ar a shon féin, nó bainfidh mise deatach as na másaí aige /[Tá triúr aca ag baint deatach as coirce thíos ins an gcró. [Sin iad na buachaillí agad, nach mbeidh i gcleitheamhnas "meaisín" ar bith ach a bhuailfeas a gcuid coirce féin go gaedhealach mar a rinne na daoine ariamh é.] [Ach tá an iomarca de'n spreallaireacht anois ar thuilleadh le dornán a thógáil in a láimh agus bualadh na cloiche a thabhairt air.] Chuile shórt dhá chur ar éascaidheacht ar an saoghal seo. 'Seadh inDomhnach!]/ Gabh amach, 'gcuiridh Dia an t-ádh ort, agus bain deatach as an mbulán sin amuigh. [Nach hé eallach an Diabhail anois é go gcaithfeadh sé imeacht as an áit a raibh sé go bolg i bhféar ann. Béidh a shliocht air: ní go m{aith} a ghabhfas an imirce uabhair sin dó muis]/[Bhain mise deatach as a{?}

ar maidin. Cheangail mé do'n ursain é, agus chuir mé taobhach air le'r bhuail mé air, le feac láighe.] Feicfidh tú féin air go gcomhairleochaidh mise é, gan a dhéanamh aríst /[[Theastóchadh ó dhuine eicínt deatach a bhaint as, ar scáth a bhfuil d'fhaitíos aige roimh an mbaile seo. Airigheann sé na daoine go dona: sin é atá air. Tá an stramhasachán sin thiar ag M. T. cho dona leis 'chuile orlach]]/ Tá deatach dhá bhaint as na sionnaigh ó a tháinic fear an ghunna ar an mbaile. Is géar a thastuigh sin uatha. Bhí an áit bánuighthe aca. Sin é an gléas anois orra: neart gráin a chur ionnta /[Tá an máistir beag ag baint deatach as an máistireás fhada ar an saoghal seo (: ag suirghe léithe as éadan). Is diabhlaí an mac é, de thulóig cho beag leis. Ach mara bhfuil gabhail na gaoithe ann, tá déanamh na ngnaithí ann, mar adeir an ceann eile.] Dar fiadh tá! / Ní hé baladh na deataighe atá ort bail ó Dhia ort, pé'r bith cá'r eirigh sé leat = ní hé baladh na pluide atá ort = tá baladh óil ort = bhí tú ag ól /[Mo léan géar, ní hé m'fhearacht féin é, ní hé baladh na deataighe a bhí uirre, th'éis an S. Meastú cá'il sí ag fáil a luach igcomhnaí. M'anam gurb ait atá sí ag cruthachtáil, gurb ait sin]/ Coinnigh i leith. Ní hé baladh na deataighe atá ort ar maidin. 'Gcuiridh Dia an t-ádh ort! Gheobhfaí baladh fuisce uait thíos ag ceann an bhóithrín /[Ní hé baladh na deataighe a bhí air maidin Dé Luain … bhuel ní móide gurb é. B'fhéidir gur baladh airgead luachra nó baladh eicínt eile mar sin a bhí air]/ Ná teara isteach annseo agamsa anois ag toidheacht ar ais duit agus baladh na deataighe ort mar a bhíos i gcomhnaí. Is beag a aireochas do sparán, cúig nó sé de ghloineadhachaí maith fuisce / Ní simléar atá ann ach poll deataighe (fc. poll) / Tá súile na deataighe aige = súile agus iad ag silt, nó cosamhlacht orra go mbíonn siad faoi'n deatach / Mo dheatach ort! = eascainí gan mórán gaimhe = díol cam ort = droch-chríoch ort agus rl. /[Mo dheatach ort le caoi a bheith ort! / Mo dheatach air, mara deas an cheird atá air, ag imeacht as a chranna cumhachta mar sin le postamhlacht]/ Mo dheatach ort a stór, mara beag a thastuigheas hata uait! [Ní raibh hata ar aonduine de do chine ariamh, agus rinne siad gnatha maith dhá fhuireasbhaidh freisin. Ach níl a fhios ag mná na beag-mhaitheasa cá suidhfidh siad ná cá seasfaidh siad le teann suimeamhlacht']/[Mo dheatach uirre le cleas a dhéanamh! Shílfeá mara bhfuil cuíbheamhlacht innte, go mbeadh suim aice ins an bposta atá aice. Mara bhfaghaidh sí bóthar anois, tá an t-ádh uirre!]/ Mo dheatach air agad, nach ndúineann suas é. Tá na daoine sáruighthe ag éisteacht leis ó a

tháinic oíche. Is olc an rud an iomarca d'aon-earradh /[Mo dheatach orra féin agus ar a gcuid cathaoireachaí boga. Ba bheag na cathaoireachaí boga a bheadh aca, dhá gcaillidís mórán leo!]/ Mo dheatach orra féin agus ar a gcuid páipéir. Tá an oiread dindiúirí ar an "dole" céadna, scáth leath-choróinín ghágach, agus nach fiú an tairbhe an trioblóid / Mo dheatach ar an sean-chlog céadna. Tá sé stoptha 'chuile ré soluis / Mo bheannacht do Sheán ach mo dheatach ar Sheumas, arae is eisean féin nach bhféadfadh an slacht a dhéanamh /

Dréimre: ainm-fhocal, fireann (d'r'ɛ̄ᴍ'rï. Ach d'r'ɛ̄ᴍ'r'ïd'ï go minic freisin) dréimre: fráma adhmaid, súgáin, rópa nó a leithide agus céimeanna ann len a dhul suas ar rud eicínt (ladder)

Tastóchaidh dréimre uainn le dhul ag tuigheadóireacht. / Ní fhéadfaidh tú a dhul ann gan dréimre / Tá sé ag cur díon ar an gcruach choirce leis an dréimre se'aghainn féin / Tá sé ag dul suas (ag teacht anuas) an dréimride / An bhfuil aon-rath ort ag dul suas dréimre? / Níl sé ag dul go dtí glúine na mná. Má's leis a pógadh ní fuláir do dhréimre beag a fháil le dhul cho fada léithe / Tá a chúl in a dhréimride = "staighrí" ann de bharr bearradh mhí-shlachtair; é sclamach /

Deasóg: ainm-fhocal, buineann, geineamhnach uathaidh = deasóige. (An tabharthach uathaidh deasóig an leagan a bhíos air go h-iondamhail i gcaint).
Deasóg = an láimh dheas; agus go h-áirid leis an láimh dheas a chur igceartas leis an gciotóig.
[Níl sé cho coitianta i gCois Fhairrge agus atá sé faoi Rosmuc agus faoi Iorras Aithneach]
Ní hí do chiotóig atá mé a iarraidh, ach do dheasóig. Sín amach do dheasóig / Céard atá agad in do dheasóig. Oscail í /[Cuir do dheasóig ann. Ní bhainfidh tú aon-cheart dhe le do chiotóig. Ní mór duit a bheith ar do dheis ceart]/ Ní de'n mhúineadh do chiotóig a shíneadh ag duine ar bith. Má's fiú láimh a chraitheadh chor ar bith leis, is fiú an deasóig a thabhairt dó /[Is diabhlaí an spreacadh atá ins an gciotóig aige thar an deasóig. An bhfaca tú ag lúbadh an rotha é?]/ Ní raibh agam ach mo dheasóig. Bhí an láimh eile i ngreim /[Rug sé greim deasóige orm agus shíl sé cor a chur innte. Níor liom féin ab fhaillighe é. Thug mé mo sean-dorna leis an gciotóig faoi pholl na cluaise dhó]/[Marach gur eirigh leis greim deasóige a fháil air, ní cheannsóchadh sé go faoithin é. Ach níl an oiread úsáide aige ins an deasóig — ná baoghal air — agus atá ins an gciotóig]/.

[D'eirigh droch-ghortú de'n deasóig 'nuair a bhí sé in a mhalrachán, agus is minic ag dul in a aghaidh í ó shoin]/[Má fhastuigheann tú é ingreim deasóige agus cor a chur innte ar an bpuinte boise, cuirfidh tú dhá bhuille é. Ach mara mbeidh tú dubh-thráthamhail tá tú as, arae má bhrathann sé go bhfuil tú ag dul in a éadan, cuirfidh sé luighe fiadha ort de dhorna]/[Rug sé greim barr-láimhe ar mo dheasóig agus thialtuigh (: théaltuigh) sé leis isteach an doras mé.] Níor airigh mé choidhchin nó go raibh mé in mo shuidhe ar chathaoir istigh ins an bpárlús aige. Is beag bídeach nachar thuit mé as mo sheasamh le náire / Ionntuigh ar thaobh na deasóige ach a dtigidh tú go dtí an cras-bhóthar, agus déan ar t'aghaidh síos. 'Sé'n chéad teach é a fheicfeas tú romhat ar an árd /[Sílimse gur ar thaobh na deasóige atá sé, ach ní móide gurb eadh. [Tá sé cho fada anois ó a bhí mé ann agus gur diachta dhom cuimniú cé'n taobh a bhfuil sé]]/ Teirigh trasna an droichid agus feicfidh tú é ar thaobh do dheasóige. Níl aon-ghoir agad a dhul amú air. [Má theigheann tú trasna an droichid agus do dhá shúil a choinneál feannta, buailfidh tú isteach ar an smaois é (: siubhalfaidh tú suas díreach chuige)]/

Dlí = ainm-fhocal, fireann [dʼlʼīˑ]. Iolraidh — dligheannaí; dligheadha (dʼlʼiːˑūˑ)
Dlí = reacht, ordú, aithne, gnás, nós, ráidhte, an rud nach mór a dhéanamh.

Tá sé in aghaidh dlí Dé (dlí na tíre, na cúirte, an ghiuistís, an Ghovernment, an tsagairt, an phóilí, fhear an tsiopa; dlí na mádraí, na gcaorach, na mbeithidheach, an dole, an mhargaidh agus rl.) / Ná bris dlí Dé nó beidh rud ar a shon agad / Chuir sé dlí air / Chuaidh siad 'un dlí le chéile / Ní raibh sé sásta go dteighidís 'un dlí, ach fuair sé a dhóthain de'n dlí ins an deire / "Ingan fhios de'n dlí is cóir a bheith ann" / "Is iomdha chor ins an dlí" / Teigheann an dlí do na daoine bochta mar a theigheas uisce an earraigh do na cearca" / An chuid is lugha de'n dlí sé an chuid is fhearr é / Ní fhaca mé aon-duine fós ariamh ag buadhachtáil tada ar an dlí dhá mhéad tóir dá mbeadh aige air / Is furasta breith ar theanga ar dhuine ins an dlí / Sin é a gcuid dlí cam féin / Cé'n uair a chonnaic tusa an dlí díreach / Is fhearr an dlí atá anois ann ná fadó / Chaith an ceann céadna a shaoghal le dlí, agus ní mórán ab fhearrde é é / Tá sé ag dul le dlí = ag foghluim le bheith in a dhligheadóir / Tá sé ag cur an mhac is sine le dlí / Fáiscfidh sé

dlí ort, fáiscfidh sin / Beidh dlí faoi go siúráilte = mar gheall air / Má theigheann an scéal faoi'n dlí caithfear P. = má theigheann sé ins na cúirteanna / Tá sé dhá thabhairt isteach faoi dhlí = ag cur dlí air / Tabhair faoi dhlí é, agus mise imbannaí go mbainfidh tú do shásamh dhe / Dhá mb'fhiú liom a thabhairt faoi dhlí, d'fheicfeá féin air go scarfadh sé leis go beo sciobtha, ach ní maith liom a dhul ag fiachadh ar an rud salach / Ní móide go dtiubharfaidís faoi dhlí chor ar bith thú, ach má thugann, ná leig dóib mionna a bhaint asad. /[Is iomdha rud ins an dlí nach h-eolas duitse ná domsa / 'Dtigh diabhail é mar dhlí. Céard a bhí dhá bharr ag aonduine ariamh? / Níl dlí ar bith aige th'éis a chuid gaisce]/ Is mór an feall nach dteagann sé de dhlí amach go gcaithfeadh 'chuile fhear a dhul cupla bliain le talmhaidheacht. Sin é an uair a bheadh a fhios ag na bleitheachaí móra seo, an chaoi a saothruigheann an talmhaidhe bocht a ghreim agus a dheoch /[Cáid ó a tháinig sé sin de dhlí amach. Níor chuala mé aon-trácht air cheana / Is gearr anois go dteagaidh sé de dhlí amach nach bhféadfaidh duine ar bith pósadh mara bhfaghaidh sé cead ó'n ngiúistis / An t-am a dtáinig sé de dhlí amach go gcaithfí mádraí a íoc, tá mé in aimhreas gur mór aca a báthadh]/ Breagh nach dtugann siad amach de dhlí é, má tá siad dhá iarraidh. Nach bhfuil a fhios aca go maith nach áird a bhéas ag daoine ar a dhul ag athchuinge orra mar sin /[Tá sé ag teacht amach in a dhlí anois nach mbeidh cead deoir ar bith a ól ach dhá lá ins an tseachtain]/ Dlí gan tóin ná ceann é sin. Dlí mar siúd / Bíonn an ceann céadna igcomhnaí ag déanamh dlí ach is dlí dhó féin é = bíonn sé ag innseacht céard é an dlí má's fíor dó fhéin / Ní bheadh sé beo gan a bheith ag déanamh dlí / Sin é dlí na h-áite seo = gnás na h-áite seo / Sin é an dlí atá againne, go mbíonn ionntú agus rubáil ar h-aon agus ar Rí /[Caithfidh tusa dlí de do chuid féin a bheith agad i gcomhnaí. Ní fhéadfá a theacht suas ar an rud adéar -fadh duine ar bith eile]/ Mara leanaidh tú an dlí feasta gabhfaidh do láimh i bpaca / 'Sé an dlí atá ag sochraideacha ins an áit seo gan a dtógáil amach go h-árd-trathnóna / Sin é an dlí atá ag an sagart sin. Mo léan géar, caithfidh sé dlí dhó féin a bheith aige / 'Sé an dlí atá ag na céilidheachaí annseo anois, bean ar bith dhá bhfuil ann dhá mbadh í inghean Rí Sheoirse í, a iarraidh amach ag damhsa / Níl dlí ar bith ar fheamainn dearg = féadfaidh 'chuile duine a tógáil; ní le duine ar bith go h-áirid í / Nar chomhnuighidh siad go gcuiridh siad dlí ar an aer i

gcruth agus nach mbeidh aon-bhaint ach ag cuid de na daoine dhó = níl aon dlí ar an aer mar atá sé: is le 'chuile dhuine é. Nar stopaidh cuid de na daoine nó go ndéanaidh siad dlí le go mbeidh baint aca féin amháin dhe, agus daoine eile as ar fad / Is deas iad a gcuid dligheadha. [Diabhal bréag nach deas!]/ Níl dlí ar bith is deise faoi dheire thiar thall ná fanacht uaidh (: ó'n dlí) ar fad /

Ag Dlí = ainm-bhriathar [ní bhaintear leas as aon-aimsir eile dhe ins an gcéill seo].

Tá siad ag dlí le chéile le dhá bhliain anois, agus níl tús ná deireadh fós air = tá dlí ar siubhal eatorra / Tuilleadh diabhail aca mara bhfuil siad sáthach fada ag dlí le chéile anois. Is beag is fiú an talamh, ach a mbeidh a chuid féin ag an dlí as / Ní ceird ar bith a bheith ag dlí. Ní ghnothuigheann air sin ach dligheadóirí agus breitheannaí (: breitheamhain) / Nach bog atá an craiceann orm go dtiocfainn ag dlí leis go deimhin. Is beag an baoghal atá orm, a mhaisce / Tá sí féin agus T. ag dlí le chéile faoi'n udhaichtín siúd. Ba bheag an éadáil í mar udhachta, agus beidh sí spurtha go leor ach a mbeidh turnaechaí íoctha aisti /

Dligheadóir = fear dlí; aighne; fear a bhfuil smear-eolas nó tóir ar an dlí aige. (d ʼ l ʼ ī:dōr ʼ)
'Sé M. D. an dligheadóir is fearr aca ar fad. Má chinneann cúis air sin, tá sí in a diabhal ar fad / Togha dligheadóir é, ach leanann sé duine an-daor. Ach is fiú é é. Bíonn a shásamh ag duine ina dheidh sin / Chaith na dligheadóirí an lá ag scoilteadh cainte agus gan a fhios ag aonduine cé faoi a raibh siad, lena liagáistí a bhí aca / Níl aon-dligheadóir istigh i nG. is fhearr ná é sin, aindeoin nachar chaith sé lá ariamh ag an scoil / Nach cumasach an dligheadóir é i gcomhnaí! Beidh sé ag plé leis an dlí nó go bhfágaidh an dlí a chosa nighte /

Dligheadóireacht = ainm-fhocal buineann as dligheadóir = ag gabhail do'n dlí mar a bhíos dligheadóir nó aighne nó aturnae; ag cur dligheannaí i gcion, nó dhá ndéanamh nó dhá bplé. [Amanntaí, cialluigheann sé ag dlí, ag dul chun dlí] /

Ag dligheadóireacht a bhíos siad i gcomhnaí ins an Dáil sin / Is maith uatha dligheadóireacht a dhéanamh, ach má's maith, tá siad íoctha dhá réir / Bíonn an turnae sin ag imeacht ag dligheadóireacht ins 'chuile áit dhá bhfuighidh sé glaodhach / Sin é an áit a bhfuil an dligheadóireacht ar siubhal ins na h-oificí sin. Tá suas le dháréag dligheadóirí ann ar fad / Is gearr anois go mbeidh sé ag dligheadóireacht. Tá a chuid dindiúirí aige, ach bíonn siad scathamh maith amanntaí gan aon-chúis a fháil /

Dáta = ainm-fhocal, fireann, iolraidh = dátaí
Dáta = am, lá, seachtain, nó mí agus rl. áirid; am sonnruighthe.

Cé'n dáta é indiu? = cé'n dáta é an lá indiu? = cé'n lá de'n mhí é? / Cé'n dáta a bhí ar an leitir / An bhfuil a fhios agad dáta do bheirthe / An-fhear dátaí é. Tá siad aige i leabhar / Is fada an dáta ó a bhí an rud sin amhlaidh = is fadó an lá / Caithfear an cíos a íoc ar an dáta = ar an lá cáirde / Sin é ar thug sé de dháta dhom len a íoc. = cáirde, áirleacan / Cuir dáta air, le é a bheith déanta aige, agus mar mbeidh sé déanta aige an lá sin, ná tabhair aon-phigh -inn dó / Tá an t-airgead acraí thar dáta cheana féin. Is gearr go dteagaidh "nútice" eile / Tá an rud sin as dáta anois = as faisean; ní hé an gnás é níos mó / D'íoc tú roimh an dáta é, nachar íoc /

Dátáil = briathar as dáta = am, lá, seachtain, mí no bliain áirid a chur síos, a luadh nó a shonnrú.

Níor dhátáil tú an leitir sin chor ar bith / Mara mbeidh sé dátáilte, ní call d{uit} a íoc / Caithtear 'chuile cheann aca a dhátáil — 'chuile cheann amháin / Níl a fhios agam cé'n uair ar scríobhadh í, mar níl sí dátáilte chor ar bith. Sin é annsin an dáta ar cuireadh i bposta í. 'Bhfeiceann tú stampa an phosta annsin /

Drisiúr = ainm-fhocal, fireann, ainmneach iolraidh agus geineamhnach uathaidh = drisiúir
drisiúr = cabhail adhmaid agus seilpeanna air le h-aghaidh gréithí agus soithigh.

Is breagh an drisiúr é sin. / Leag ar bharr an drisiúir é / Leag isteach in íochtar an drisiúir é = an chuid íochtair (a mbíonn doirse air) de'n drisiúr / Is breagh an ball ar dhrisiúr é = soitheach breagh nó éadálach / Ba deas an ball ar dhrisiúr é = duine deas, slachtar, sciúrtha ligthe; duine a bheadh an-ghléasta, an-déanta suas, ach nach mbeadh aon-mhaith ann, ach in a údar suntais /

Das = ainm-fhocal; fireann, geineamhnach uathaidh: an dais; uimhir iolraidh: dasachaí, dasannaí. [Das = das; ach gas, gæs Achréidh]
Das = an bharrann a theagas ar fhataí ag fás dóib [níor chuala mé ar thada eile é. Bláthannaí a theagas ar thorthaí: ar thurnapaí, meangiols agus rl.]

Níl aon-das 'e rath ar an ngarrdha sin fós, th'éis gur sean-chur é / Tá an-das air = barrann bhreagh árd / Tá coill dhasachaí ar an ngarrdha siúd thíos. Níl a fhios agam nach bhfuil an iomarca air / Loic siad ar fad. Rith siad 'un dais ro-luath 'sa mbliain, agus cho luath agus a bhuail an ghaoth ruadh iad, thuit siad ar a chéile ar an toirt. Speir siad in a mbun. An iomarca leasuighthe a chuaidh orra. Tá an talamh siúd an-tséasúrach / Tá a shean-eire dasachaí air anois. Má chuireann sé níos mó suas, ní bheidh aon-fhata ann chor ar bith. Talamh maith craicinn a bhí ann / Ghabhfadh na cearca ibhfolach ann len a raibh de dhasachaí air lá Bealtaine. Tháinic an sioc annsin, agus shlabhc siad as éadan a chéile. Níor tháinic aon-das ó shoin / Shílfeá go bhfuil ruadhchan beag ar na dasachaí annseo amuigh, ach is beag é: dath na gainne annseo agus annsiúd / Níl an cur sin ag déanamh dhas ar bith = níl das ar bith ag teacht air / Tharraing mé das amuigh ar an gcúl láir isan ngarrdha sin thoir indiu, agus bhí cuasnóig fhataí faoi, agus gan oiread miaróige (: méaróige) i gceachtar aca. Sin é anois a ndéanfaidh siad de bhiseach imbliana / Tharraing mé cupla das indiu le béilí fataí nuadha a bhaint, ach ní leigfeadh an carghas dom drannadh leo nuair a chonnaic mé iad. Níl ionnta ach scriocháin chríochnuighthe /

Druas = ainm-fhocal, fireann, Geineamhnach uathaidh: an druais
Druas = drúcht na maidne; drúichtín nach mbeadh trom.
[Níor chuala mé an focal i gCois Fhairrge. Ó cheantar Mhuigh Cuilinn é]

Bhí druas deas ar maidin ann / Caithfidh sé druas anocht / Is olc an rud adeir siad a dhul amach cosnochttha indruas na maidne. Tá sé indon duine a tholgadh. Is minic a chuala mé é /[Ní bhíonn ann ach druas beag san ngeimhreadh, ach bíonn an-drúcht ann 'san samhradh. D'fheicfeá drúcht maidineachaí samhraidh, agus thiubharfá an leabhar gur báisteach a bheadh caithte aige]/

Drioball (: fc. rioball, earball).

Droighean: ainm-fhocal, fireann; tuiseal geineamhnach uathaidh — an droighin
uimhir iolraidh: droighin, droigheanannaí.
Droighean nó Droighean Dubh = an sceach a dteagann na h-áirní uirre /

Garrdha an Droighin = ainm garrdha / Seana Dhroighin = tamhnóig isteach i
mbun an tsléibhe as cionn Chnuic na h-Aille / ["An Droighneán
Donn" a tugtar ar an amhrán. Tá an sloinneadh Ó Droighneáin, an
Droighneánach an-choitianta igCois Fhairrge agus in áiteacha i Muigh Cuilinn]
Tá na garranta faoi dhroighean uiliog / Tá an áit druidthe le
bunannaí droighin / Bhí maide altach droighin aige / Bhí maide
droighin duibh aige / Dhá mbaintí an droighean sin, ba garrdha maith é.

Droighneach: aidiacht as droighean = a bheith faoi dhroighean; foiricighthe le droighean

Garrdha an-droighneach é / Talamh droighneach ar fad atá aige. Níl
tabhairt tada ann ach áirní / Ní féidir an bhráid dhroighneach siúd a chur /

Damhsa [: dəuɴsə go h-iondamhail, ach dæ:wsə scaithtí] = daoine ag déanamh
gluasachta áiride len a gcosa i gcó-imeacht le ceol. [Níor chuala mé rinnce
air sin, cé go mbíonn súile, réaltóga agus eile ag rinnce, agus daoine freisin,
ach gur olc é]; áit a mbíonn daoine ag damhsa.

Níl aon-damhsa aige = níl sé indon aon-damhsa a dhéanamh / Níl damhsa ar bith
aice. Cá bhfuigheadh sí damhsa anuas de thamhnóig shléibhe? / Thug sí an damhsa
ó bhuaile léithe = nuair a bhíodh buailtí ann roimhe seo, bhíodh an-cháil orra
faoi dhamhsa. Chruinnigheadh na mná ar fad in aon-áit amháin ag damhsa /
D'eireochadh dhi. Thug sí an damhsa ó bhuaile léithe /[B'ait í a máthair féin.
Bhíodh sé ráidhte gur thug sí an damhsa ó bhuaile léithe / Mo chuach óg
annsin thú! Thug tú an damhsa ó bhuaile leat, bail ó Dhia agus ó Mhuire
ort! / Faoi do chois é! Nar lagaidh Dia thú. Is tusa a thug an damhsa ó
bhuaile leat ar chaoi ar bith agus ní h-iad an dream a mbíodh sé ráidhte
leo]/ Píobairí a bhíodh ag dul thart fadó, agus chaithfeadh 'chuile dhuine a dhul amach
ar lom an urláir ar a aghaidh féin: sin nó fear a dhul amach agus bean ar a

Damhsuigh, Daimhsigh (: dəiv ʼ šīːɴ is iondamhla, ach deirtear dæv ʼ šīːɴ, dəu ɴšīːɴ freisin): briathar as damhsa = damhsa a dhéanamh.

Tara uait isteach go ndaimhsighidh muid a' (: ar) bport / Dhaimhsigh mé mo phort agus chuaidh mé amach aríst / Daimhseochaidh muid port amháin (: we will dance once) agus imeochaidh muid annsin / Th'éis an aois atá aige, is maith gasta a dhaimhseochadh sé sin a phort dhá bhfaghadh sé aon-ugach. 'Ar ndú' bhí dhá chroidhe aige sin / Cas port go ndaimhsighidh mé / Cas amach strioncán ceoil aríst go dteigheamuid ag damhsa / Teirigh amach ag damhsa / Chuaidh siad amach ag damhsa / Is breagh croidh-eamhail uaidh é a dhaimhsiú / Dhaimhseochadh sé ar phláta = duine a bheadh go maith ag damhsa / Dhaimhsigh sé an bhoichteanacht (fc. boichteanacht) / Dhaimhsigh sé gaedhealach é = duine a dhul amach ar a aghaidh féin agus ríl, corn phíopa nó "jig" a dhaimhsiú ar an sean-nós. Níl baint ar bith aige le na damhsaí a dtugtar damhsaí "gaedhealacha" orra anois / Daimhsigh amach! = daimhsigh leat! / Daimhseochaidh mé "jig" daoib /

Daimhseoir (: dəiv ʼ šōr ʼ ; dəuːɴsōr ʼ) = ainm-fhocal fireann = duine a bhfuil damhsa aige; duine atá go paiteanta ag damhsa.

Is ait an daimhseoir é / Tá cosa an daimhseora aige / Daimhseóirí uiliog iad sin / Níl aon-ghoir aige in a dhamhsóir ar an bhfear a bhí annseo anuiridh. Diabhal goir! /

Druinníneach: ainm-fhocal; fireann; geineamhnach uathaidh agus uimhir iolraidh = druinnínigh = fear a mbeadh dronn air nó dioc; duine a mbeadh for-chruit air; duine nach mbeadh aon-airde mhór ann; ach a bheadh teangmháilte suas ag an slinneán; fear crom-shlinneánach gan a bheith árd. (fc. dronn, druinnín)
Cá raibh an druinníneach seo anoir ar feadh an lae? / Nach hé an druinnín-each é! Tabhair druinníneach air! / Diabhal fear beo a thiubharfadh aon-bhean do'n druinníneach sin. Ní teastóchadh uaidh ach sin go deimhin! / Bata a bhí a thabhairt soir abhaile do'n druinníneach sin agus gan é a bheith taithighthe ibhfus annseo. Is beag an slacht atá ag T. Mh. air / 'M'anam muise, bíodh a fhios agad go bhfuil spreacadh thar cionn 'san druinnín-each sin té (: cé) gur beag a cheapfadh dó é. Tá an-chlár droma aige /

Drugall = ainm-fhocal, fireann; geineamhnach uathaidh: an drugaill.

Drugall: leisce rud a dhéanamh, a dhul in áit agus rl.; leisce, spreallaireacht nó díomhaontas; carghas, claonadh ó … ; cantal; mí-thoil; loiceadh; cheal spleodair.

[drugall: druguL; druguL']

Bhí an-drugall orm eirghe ar maidin. Facthas dom nach raibh mé mórán le uair in mo chodladh / M'anam go bhfuil an iomarca drugaill orm anois a dhul síos 'na chladaigh, th'éis a bheith ar an bportach / D'airigh mé asail Bh. ag dul isteach is an ngarrdha sin amuigh, th'éis a dhul a chodladh dhom aréir, agus ní leigfeadh an drugall dom eirghe len a gcur amach / M'anam nach bhfuil a dhearbhráthair mar sin: go bhfuil sé ar bheagán drugaill faoin a dhul amach in a ghnatha /[Is diabhlaí an drugall atá aige roimh an obair / Is mó an drugall a bhíos air a dhul ar faoistean sílim, ná a dhul amach dhá mharbhú / M'anam go bhfuil an-drugall portaigh indiu orm. Airighim mo chnámha an-spadtha / Dar fiadh muise má tá drugall cladaigh ort, is beag an drugall cuarta a bhéas ort ar ball / Is beag de'n drugall trágha seo atá air ní hé t'fhearacht -sa é. Bhí sé thíos le "pound day" indiu agus a chliabh aige ag sracadh feamainne duibhe is an gclochairín / Tá drugall an tsaoghail orm é a thaobhachtáil, agus gan a fhios agam nach fiafruighe díom faoi'n lampa a thug sé dhom fadó a dhéanfadh sé. Ní bhfuair sé aon-dé ariamh ó shoin air / Is lugha an drugall a bheadh orm a dhul go h-Ifreann féin ná isteach 'san teach sin, ach má's rud é atá romhainn, tá sé cho maith dhuinn é a chur dínn]/ Bhí chuile théisclim déanta agam len imeacht, ach loic mé in a dheidh sin. Bhuail drugal mé nuair a tháinic an crudh ar an táirnge / Bhuel imigheadh an drugall díot anois. Caithfidh tú a theacht in éindigh liomsa / Dheamhan an raibh mé ar cuairt chor ar bith aréir, rud ab annamh liom. Bhí an-tséideogaí ann, agus níor leig an drugal dom an teine a fhágáil / M'anam muise go sílfeá agus go raibh drugall ar Mh. a dhul leis in a dheidh sin, th'éis gur h-éidtreorach an cimleacháinín é J. Cailleach cheart é M. sin. Tá sé sáthach bastalach nó go bhfeicidh sé fear olluighthe (ollmhuighthe) ar achrann, ach an uair a fheicfeas, tuitfidh an driúll ar an dreáll air / Nuair a chonnaic mé an bhail a chuir na h-asail ar an gceapachín phlandaí, ní dheachaidh mé isteach chor ar bith innte le drugall agus cantal / Beidh luach do chuid

drugaill agad ar ball, má theigheann ceann de na gamhna san gclaise agus é a bháthadh innte, i bhfad uainn an anachain! / Bhí drugall orm a dhul ag bacadh leis, arae 'sé sin an fáth, dhá dtóiginn mo láimh beag ná mór aige, bhuailfinn tuighe shrathaire air / Ó a bhí siad istigh is an gcimín, bhí drugall orm a dhul dhá gcur amach aríst. Thug mé cead a gcinn dóib /[Tá drugall orm corruighe amach agus an tuile atá sé a chaitheamh / Th'éis gur mór dá fhonn a bhí orm caidéis a chur air, ní leigfeadh an drugall dhom in a dheidh sin labhairt leis / Bhí drugall orm aighneas ar bith a chur uirre thárla nachar labhair mé léithe ariamh. Níor mhairg ar bith dhuitse é: bhí tú indon teann-tás a dhéanamh uirre / Bheadh lán mo chruite de dhrugall ormsa a dhul isteach ag an sagart / Chuir sé drugall orm é a ithe nuair a chonnaic mé a raibh de rológaí glasa ann (: cáca droch-fhuinte) = carghas]/ Tá drugall orm a dhul dhá ól, nuair nach bhfuil cuid an fhiuntais agam féin = is carghas liom deoch a ól uaitse, lá agus nach bhfuil mé féin indon deoch a sheasamh duit / Bhí drugall air a dhul dhá h-árdú. Dar Dia, ní mheasaim go raibh sé indon gaoth a thabhairt di chor ar bith = cloch a bhí daoine a árdú dhá bhféachaint féin / Tá an iomarca drugaill air pósadh. Sin é a cheird le 'chuile rud / Fágadh caithte annsin amuigh í, nó go raibh sí leath-lobhtha. Annsin tháinic an iomarca drugaill orm a dhul dhá laimhseáil chor ar bith, mara ba liom (: marar liom) tsiocair chantail a thabhairt dom féin /

Drugallach: aidiacht as drugall = leisce a bheith ort; leisceamhail, díomhaoineach; neamh-spleodrach, tugtharach do loiceadh agus rl.

Is diabhlaí drugallach an duine é faoi dhul amach 'san oíche. Meastú an scáth atá air roimhe thaidhbhsí / Beidh mise cho drugallach céadna leis-sean agus atá sé liomsa. An té a chuirfeas caint ormsa, beidh mé lághach soineanta leis, agus an té nach gcuirfidh bíodh aige / Níor cheart duit a bheith cho drugallach sin faoi ghiotamáil bheag oibre a dhéanamh, do leithide de rúisc de bhuachaill óg /["Má bhíonn tú cho drugallach ag dul do do phósadh agus atá tú ag dul ar do chleamhnas" adeirim féin leis, "beidh tú d'fhuireasbhaidh mná. Ní fhanfadh bean ar bith leat ar chúntar de'n tsórt sin". /

Druid, druideog = ainm-fhocal, buineann: tuiseal geineamh
-nach uathaidh = na druide, na druideoige; uimhir iolraidh = druideachaí, druideogaí
Druid, Druideogaí = éan a bhfuil méid mhaith ann agus dath cineál donn, breac
tha air. (Starling). Tuairim agus cúig uibhe a bhíos aice, agus déanann sí
nead i sean-chlaidheachaí, agus igcrainte farctha agus eile.

Tá brat druideachaí 'sa luirg / Choill muid nead druide
annsin thuas indiu. Bhí chúig dhruid óga innte / Sciobfadh na druideachaí
sin na péiste ó'n láighe agad. Déanann siad an-sléacht ar na
hágaileachaí /[Is diabhlaí an tsíorraidheacht atá 'sa druid féin,
nuair nach bhfuil sí caillte fós. 'Sí an saighdiúr is fhearr uiliog aca
í (: de na h-éanachaí). Cheithre lá atá sí indon maireachtáil 'sa
sneachta, adeir siad. M'anam go bhfuil sí tugtha go maith indiu muis.
Ach mar sin féin, ar an dá luath agus a bhfuighidh sí fáfall ar bith,
beidh sí ag tiomsacht aríst]/ Níl éan ar bith inchinnte ar an
druideach [baintear leas as seo scaithtí in a ainmneach agus in a
thabharthach] in a dheidh sin. Tá na lonta agus na sucáin caillte, ach
tá an druid indon é a bharraidheacht. Má bhaineann sé lá eile as
an sneachta féachfaidh sé í freisin. Níl an oiread tapa innte
indiu agus a bhí indé / Deir siad nach hé lá an tsneachta a chaillt-
ear an druid = sáruigheann sí an fuacht, mara mbeidh sé dalba
ar fad, ach fágann sé fuigheall uirre a thugas bás di in a dheidh sin;
B'fhéidir nach hé an sneachta a mharbhóchadh í, ach an t-ocras /
[Chuala mé ariamh é nach hé lá an tsneachta a chaillteár an
druid, ach tá siad caillte ina srathradhachaí amach annsin
indiu / Ní hé an gorta a thug bás ar bith dóib, ach an aicíd a bhuail
iad ina dhiaidh. Deir siad nach hé lá an tsneachta a chaillteár
an druid 'ar ndú' chor ar bith]/ Níl a dhath ariamh farae l'aghaidh na
mbeithidheach anois, agus gub (: gurb) é dubhluachair na bliana atá ann.
Ach amach annseo a ghabhfas sé sin rompa. Beithidheach ar bith a
gheobhfas cáll (: call) an tráth seo 'bhliain, tá a chnaipe déanta.
Caillfidhear é amach annseo. Ní hé lá an tsneachta a gcaillt
-ear an druideoig chor ar bith, adeir siad / Tá sí an-ghoineach,
agus gan tada le tabhairt di. Ach shílfeá nach bhfuil an t-ocras ag goilleamh
-aint uirre fós. Ach ní hé lá an tsneachta a gcaillteár an druid /

Druimscoilte: aidiacht. [Fuaim — í atá ar an e dheireannach ins an bhfocal scoilte — aidiacht bhriathar i gcomhnuí]
Druim-scoilte = glan; rointe go cruinn comh-ionann; barrainneach; cinnte.

Tá dhá oiread talmhana agad liom druim-scoilte = a dhá oiread go díreach glan, gan ceo chuige ná uaidh / An uair a roinntí an fheamuinn fadó ins an gcladach cheithre oiread linne druimscoilte a d'fhaghadh J. Ba shin é a chion, de réir mar a bhí na gabhaltais. Bhí dhá gabhaltas aige-san, agus muide ar leath-ghabhaltas. Nach muid a bhí in a' (: ar) n-amadáin an uair sin féin, (ag) ghá(r) marbhú féin ag cruinneál feamuinne dhóib sin, agus gan muid ag fáil ach cuid Pháidín de'n mheacan di in a dheidh sin. Bhí a shliocht air: caitheadh suas an obair sin. An té is túisce aice anois, is aige a bhéas sí. Níl ann ach an sciob-sceab. Is fada a chaith siad ag cur in a aghaidh sin féin, agus ag tuineamh linn í a roint, ach bhí maith dhóib ann go deimhin! /
[Ní fhaca mé aon-lá de'n mhíádh ariamh nó go ndeacha mé i bpáirt leis. Tugaimse mo mhallacht do'n {?}mhar aríst go deo. Dhíol muid cheithre "lorry" mhóna i mbliana. Mise a fuair a h-anró ar fad. Mé féin {agus na} gearrchaileadha. Ní theagadh seisean 'na phortaigh go dtí an dó dhéag 'chuile lá. Ach meann tú in a dheidh sin nach raibh sé ag iarraidh dhá leith druimscoilte a dhéanamh dhá luach, agus leath a bheith aige-san cho maith liomsa. "An bhfuil caint ar bith agad ar na gearrchailleadha" arsa mise. "Nach iadsan a shaothruigh uiliog í". "Gheobhaidh mise leath" adeir sé "nó beidh a fhios agam cé'n fáth. Mo chuid portaigh-sa a baineadh uiliog". "Bíodh aice i mbliana", arsa mise, "ach go lá na leice aríst, ní bhainfidh mise aon-fhód móna i bpáirt le aonduine]/ An uair a fuair an t-athair bás roinneadh an áit druimscoilte idir an triúr mac. Sin é a d'fhága 'chaon duine aca ag scríobadh leis an ngánntan. [Bhainfeadh duine amháin nó beirt féin b'fhéidir beatha mhaith amach ann, ach ní raibh díol an tríomhadh duine ann, gan an triúr a bheith ar an gcaolchuid. Bhí deis agus bráigill ag an athair ach is maith bocht iad an chlann anois]/ 'Bhfuil 'fhios agad an chruach a bhí amuigh agamsa anuiridh ar an mbóthar thiar. Bhí a dhá oiread móna druim-scoilte innte agus atá i gcruach na bliana seo. [Sé "lorry" a bhí i gcruach na bliana anuiridh. Tá trí lorry ins an gcruaich seo. Diabhal fód thairis. Cuirfidh mé mo rogha geall leat]/ Roinn muid an lucht feamuinne druim-scoilte — leath ag an duine. Dheamhan crann ná crann a cuireadh air. Thug mé breith a's dhá roghain do Sh. Rinne sé roghain go díreach ar an leith a thiubhar{fainn}

féin dó, dhá bhfaghainn breith mo bhéil féin. Níor leasuigh mo chuid-se ach an dá chúl thoir de gharrdha Dh. Fh. agus an cúl ó dheas. Bhí scaipiúch bheag d'fhuighleach agus chaith mé isteach í ar an bpóicín sin thiar le h-aghaidh "mangols". Leasuigh cuid Sh. Garrdha na C. dó agus an T. Á. Ba mhó an drabhlás a bhí in a chuid-seisean ar chuma eicínt, aindeoin go ndearna muid an dá leith druimscoilte di mar atá mé th'éis a rádh leat /[Chuala mé an t-údar sagairt seo atá ag P. ag innseacht scéil oíche a raibh sé ibhfus againn anuiridh: Beirt dearbhráthar a bhí ag troid faoi thalamh a d'fhága a n-athair aca. Ní raibh duine aca sásta leis an méid a d'eirigh leis féin dó, agus thug sé an ceann eile 'un dlighe ag iarraidh tuilleadh a bhaint dó. Diabhal easna de'n bhreitheamh, nó de'n ghiúistís, nó hébrí céard a bhí ann, nach nglaodhann amach air — agus orra uiliog — go bhfeicidís an talamh. "Tá tú ag rádh" adeir an breitheamh "go bhfuil sé ag déanamh leath-chuma ort. Roínn anois é mar is áil leat féin. Roínn "faireáilte" é — in a dhá leith druimscoilte". Roínn. "Bíodh breith agus dá roghain agadsa anois ar do rogha leithe" adeir sé leis an gceann eile. Meas tusa nach raibh an fear sin díreach?]/[Beirt dearbhráthar a bhí ann agus deirbhshiúr. Bhí an deirbhshiúr pósta agus triúr cloinne aice. Níor phós ceachtar de na dearbhráthrachaí ariamh. 'Séard a rinneadh leis an udhachta cheithre leith druimscoilte a dhéanamh di, cuid ag 'chaon dhuine de na dearbhrathrácha, cuid ag an deirbhshiúr, agus cuid eile ag a clann eatorra. Deirimse leat go mbadh bheag é cuid an duine di, an uair a bhí sí roínte amach agus a ailp féin bainte ag 'chuile dhuine aisti. Ara ag na dligheadóirí a bhí an ceann reamhar di — 'deile]/ Fuair S. a thrí oiread druimscoilte le 'chaon duine de'n chlann. Ach nach hé an cás céadna é ar ball. Ar an gclann a thuit -feas sé ar fad — 'chuile chianóg ruadh dhó (: dhe) /[Mise a bhí ins an gcladach idtosach, ach bhí siadsan ann go dlúth in mo dhiaidh. Chuir mise comhartha ar ar fhéad mé de'n fheamuinn, ach bhí a thrí oiread aca-san liom druimscoilte. Ba dóib ab fhusa. Nach raibh cúigear aca ann agus mise in m'aonraic]/ Má roíntear an criathrach chor ar bith roínfear druim-scoilte ar an mbaile é. Déanfaidh siad tórainneacha agus cead ag 'chuile dhuine annsin a chuid féin a fhálú má's breagh leis. Dheamhan an miste leo siúd dá mbeadh dlí faoi 'chuile lá ins an tseachtain. Nach hé a mbuac é: tuilleadh saothruighthe dóib fhéin /

Diaganta (diadhanta?) = aidiacht = deagh-mhóideach; beannuighthe; géilleamhnach do dhlí Dé agus na h-Eaglaise; duine atá tugtharach do dhul ag an séipéal go minic, d'urnaighe agus rl.

Is diaganta an duine é. Nuair a thiocfas an inghean amach in a bean riaghalta, fanóchaidh sé idteach an phobail ar fad / Nach conórach an mhaise dhó é a dhul soir ag an bpaidrín 'chuile thrathnóna. Cá'id ó d'eirigh sé amach cho diaganta sin. Dar mo choinsias muis chonnaic muide scathamh eile é agus ní raibh sé ro-dhiaganta chor ar bith. Rud ar bith nach mbeadh trom ná te, bheadh sé fuaduighthe aige. Ach síleann sé má tá teach nuadh déanta aige anois go bhféadfaidh sé a bheith in a shearrach indiaidh gearráin ag sagairt! / [Bhí sé sin diaganta igcomhnaí. Níl aon-lá ó a rugadh mé nach bhfuil sé ag dul ar thurais go Cruach Phádraig, go Mám Éan, agus go dtí 'chuile áit a mbíonn turas / Ní fhéadfá focal ar bith gáirseamhlacht' a chur as do bhéal in a mhíainis (: fiadhnuis) sin. Spréachfadh sé. Is duine an-diaganta é]/ Is aoibhinn di agus cho diaganta agus atá sí. Tá a glúine caithte aice, ag urnaighe 'chuile ré solais / Má tá sí cho diaganta agus atá a leigean amach, is deas uaithe a dhul ag cúl-chaint ar a comhur-sa in a dheidh sin. Níl rud ar bith is luaghar liom ná an tsliomadóireacht sin /

Diagantacht = ainm teibidhe as diaganta = cráibhtheacht; deagh-mhóideacht agus rl.

Sin í an diagantacht eile muis, a cuid diagantacht' sin. Thiubharfaidh sí seársa ag an bPáidrín 'chuile thrathnóna, ach níl aon-locht aice a dhul síos casán M. le fear in a dhiaidh. Tá dhá thaobh ar an mbád mar adeir J. A. / Diagantacht uiliog iad sin: mná riaghalta, sagairt agus bráithre. Diabhal mé go síl-feá nach bhfuil an fear is óige sin an-tugtharach do dhiagantacht. Feicim ag cláradh mná soir ar an mbóthar 'chuile oíche é. Ní bhíonn tréad ar bith gan cuilíneach adeir siad / Is maith í an diagantacht má chuireann sí rud ar do mhéis. Sin é a fhearacht ag an sagart sin é / Teigheadh bó in a gharrdha go bhfeicidh tú a chuid diagantacht'. Chuirfeadh sé na diabhail de'n Chruaich ag eascainí amanntaí /

Dúdán = ainm-fhocal, fireann, tuiseal geineamhnach uathaidh agus ainmneach iolraidh = dúdáin
Dúdán = an píobán (: píobán an doichill sílim ach fc. na somplaí. Tugtar ar mhuinéal nó ar scórnaigh i gcoitinne é go minic)

Ba ghearr ar a dhúdán siúd pionta pórtair. Níor mhór dhó galún ar a laghad ar bith le sórt coisceadh ar bith a dhéanamh ar a thart / Ní súgh salmhain i mbéal

buláin ormsa do ghloine fuisce. Calcfaidh sí in mo dhudán mara bhfaghaidh mé ceann eile len a cur síos! / Is mór a chuaidh ar a dhúdán ariamh, agus tá an tart cho tréan indiu air, agus a bhí an chéad-lá ina dheidh sin! / Go dtugaidh an diabhal thar a dhúdán fada é, marab é a d'ól an bhiseach! Ach cá bhfágfadh sé é / Rug mé ar dhúdán air, agus bhí mé dhá thachtadh nó gur chuir sé bannlá dhá theanga amach. Ní leigfinn uaim é nó go mbeadh sí aniar ó'n dúid aige, marach gur coisnigheadh orm é / Rug sé ingreim dúdáin orm agus bhí rún aige mé a choigilt faoi ar an mbord, marach Seán a strachail dhíom é. Sin é a fhaisean i gcomhnaí: a dhul ins an bpíobán ag duine / Má theigheann sé siúd ins an dúdán agad fágfaidh sé laincis ort /

Doirb = ainm-fhocal, buineann, geineamhnach uathaidh — doirbe; ainmneach iolraidh = doirbeachaí
Doirb = sórt ciaróige nó péiste a bhíos i linnte agus i locháin, agus má ghlacann bó í, líonann sí í. Bíonn siad i locháin phortaigh, ach bíonn siad i locháin tharta freisin. Níl aon-mhéid mhór ionnta, ach is furasta a aithinte ins an uisce iad. (Fc. Foclóir an Duinnínigh "doirb", ach níor chuala mé aon-tséimhiú ariamh air. Focal an-choitianta é.)

Tá sí in a bolgán béice. Doirb a ghlac sí go siúráilte. Tá na puill sin suas faoi dhoirbeachaí as éadan a chéile / An bhfeiceann tú an doirb. Is olc an cailín í sin. Bó ar bith a thóigfeas í sin anois, beidh féirín aice. /[Nach diabhlaí nach líonann na beithidhigh sin aige agus iad ag ól an uisce sin atá ins an lochán mór. Tá sé beo beithidheach le doirbeachaí. Ní bhfuigheadh beithidhigh eile a leath-oiread tsiocair agus bheidís líonta 'chuile lá ins an aer. Ach an té a mbíonn an t-ádh air féin, bíonn sé ar a chat agus ar a mhadadh. Chonách sin air! Ní mór linn dó]/ Má tá sí líonta ní doirb a ghlac sí. Níl doirb ag gabhail le na garrantaí siúd agus ní raibh ariamh. Rud eicínt eile atá uirre. Teigheadh sé faoi dhéint dochtúr na mbeithidheach agus ná leigeadh sé 'un moille é ach an oiread / Doirb! Mo chreach mhaidne thú. Leann ruadh a d'ól sí. Sin é an doirb atá uirre! Tá sí réidh freisin. Níl indán traoitheamh di … Muise diabhal an féidir gur dhubhairt sé leat gur doirb a ghlac sí. Is cosamhail gur airigh sé simplí thú. Tá leann annsin thoir imbairillí le seachtain, agus is dóigh go bhfuair sí a bhaladh / Tá na puill chriathraigh sin faoi dhoirbeachaí as cnáimh éadain, ach dheamhan thairis sin de dhochar ionnta. Dhá mbeadh an-spalpadh ann 'san samhradh, d'ólfaidís deochannaí ionnta, ach ní líon-ann siad an-mhór in a dheidh sin. Scaithtí. Teigheann sé an-dona do chuid de na beithidhigh, thar a chéile /

Dlúth: ainm-fhocal; fireann, geineamhnach uathaidh: an dlútha.
Dlúth: is de réir an fhuinnimh a theigheas issan snáth agus é dhá shníomh
ar an túirne (: túirne olna) a bhíos dlúth agus inneach ann. Sníomhtar
an dlúth deiseall ar an túirne, agus ní chuirtear cor ar bith issan
tsreang leis mar chuirtear leis an inneach. Is caoile agus is míne
an dlúth ná an t-inneach. Is mó go fada an fuinneamh a theigheas
issan dlúth ná issan inneach, le linn an tsníomhacháin (warp) /

"Sé'n dlúth a dheilbhightear ar an gcrann deilbh. Cuirtear an
dlúth in a aige chuig an bhfigheadóir. Teigheann an t-inneach
in a cheirtlín aige (: chuige). Cuirfidh sé an dlúth isteach is an
seol annsin. Cuireann sé an dlúth ar fhad an bhréidín 'san
bhfigheachán. Caithtear é a chur thríd an tslinn agus thrí na h-úghmach
-aí. Bíonn an dlúth annsin leis an éadach ar a fhad ag dul ó
ghairimin go dtí an ghairimin eile. Casann sé suas an dlúth ar
ghairimin an tsnátha. Nuair a bhéas sé ag figheachán annsin,
déanfaidh sé próistí beaga de'n inneach. 'Sé an t-ainm atá
orra eiteáin, agus beidh sé ag caitheamh na n-eiteáin thríd an dlúth
'léar (: de réir) mar a bhéas sé ag figheachán. Nachar chuala tú
M. Mh. Ph. ag caint ar chaitheamh an smóil. Sin é é. Bíonn sé ag
cur tuintí air, nó ag tuinteáil. Ní mór an t-inneach
a chaitheamh is 'chuile áit ar an dlúth i gcruth agus go bhféadfaidh an
tslinn é a fháisceadh isteach. Tá clár ar an seol — an láimh-chlár —
agus bíonn a láimh ag an bhfigheadóir air, dhá dhoirtim isteach agus amach
leis an inneach a chur ar an dlúth agus len a chruadhú. Istigh san gclár sin atá an
tslínn. Rudaí iarainn atá 'san tslínn. Fáisceann sí an t-inneach
isteach ar an dlúth. Bíonn cláirín ar chiumhais an éadaigh, agus teann
-ann sé isteach é 'san tslínn. Is éascaidheacht dó é sin freisin
leis an inneach a chur ar an dlúth. Tá sé 'tarraingt an tuinte,
adéarfas sé nó chaith sé an tuint: sin é 'léar (: de réir) mar a bhéas
sé dhá fhigheachán, beidh sé dhá tharraingt air de'n gharumna.
Tá an dhá gharumna ann: garumna an tsnátha agus garumna
an abhrais. Is mó an t-inneach nach fuláir do'n dlúth caol ná de
dhlúth atá sníomhtha reamhar. Bíonn cuid de'n bhréidín a

mbíonn leithead ann thar a chéile léar (: de réir) mar a bhéas an tslínn … 'San deilbh a bhíos na clannaí. Sin an dá snáth a chur le chéile — dhá snáth dlútha — nuair a bhéas tú dhá dheilbh. Bíonn easnamh agus lán stéige ann scaithtí freisin". [Sliocht as cuntas faoi éadach a fuair mé ó m'athair] /

"Cosamar an lín: Barrach. Sin é an rud a bhaineas an tlú gairmid as an líon. Shníomhtaí an bharrach le túirne olla, agus dhéantaí snáth di. Inneach a ghnídís de'n bharrach, agus annsin dlúth olla a chur air, agus é a dheilbh, agus aige a dhéanamh dhó (: dhe) agus a thabhairt chuig an bhfigheadóir len a fhigheachan. Dheanfaí píosaí dhó ar nós flainín. Nuair a bhíodh fighte dhó, ghnítí súsaí dhó le caitheamh as do chionn 'san leabaidh. 'Sé'n t-ainm a bhíodh ar na súsaí sin "líon agus olann". B'fhearr ceann aca ná trí phluid. Bhídís buille garbh ach má bhíodh fhéin, dhá mbeadh ceann aca ar an leabaidh, thiocfá le pluid amháin agus é." (: giota as cuntas faoi'n líon ó m'athair) / "In a aige — in a throisleáin — a bhíos an snáth th'éis an crann deilbh a fhágáil. In a cheirtlíní a bhíos an t-inneach. Chuirfeadh an figheadóir an aige 'san seol agus thosóchadh sé ag caitheamh an innigh air, nó go mbeadh na ceirtlíní ídighthe. Mara mbeadh a dhóthain innigh ag an bhfigheadóir, bheadh easnamh (: æsNə) ort, agus chaithfeá tuilleadh a fháil, hébrí cá bhfuightheá é. É a thógáil ó bhean eicínt … Inneach bán a chaitheamh ar dhlúth dubh sin é an ceann asna. Dhá mbeadh dlúth agus inneach bán ann, sin é an flainín bán — ábhar drárannaí agus báiníní agus pluideannaí. Bíonn an t-inneach agus an dlúth dubh le dhá ghlas chaorach. Nó d'fhéadfá olann daithte a chur ar bhán, l'aghaidh treabhsair agus bheist. Daithtear an dlúth agus an t-inneach l'aghaidh seaicéid nó chasógaí. Chuiridís láib ar an dath leis an mbréidín dhubh a bhíos 'sna seaicéid thíre a dhathú. Dhá ndaithteá inneach le scraith chloch, agus oiread na fríde glas chaorach a chaith thríd an dlúth, dhéanfadh sé éadach breagh. Rinne mo mháthair culaith dhó dhom annseo uair. Bhainfeadh sé an solas as do shúile. Ní raibh aon-bhean óg 'sa tír nach in mo dhiaidh a bhí nó go raibh sí caithte! Ach caitheadh in aer an obair sin. Níl triúr ban istigh in do thír indiu atá indon olann a dhathú. Níl a fhios aca céard a bhaineas dó" [Sliocht as cuntas faoi éadach ó Mháirtín Ó Chadhain, Cnocán Glas, Spidéal] /

"Éadach measctha: sin dubh agus bán ar a chéile. Inneach bán agus dlúth dubh" [As cuntas faoi éadach ó m'athair] // Tá sé mar atá dlúth agus inneach ann = gach aige mar a h-ábhar = is dual athar agus muintire dhó a bheith mar atá sé = ní fhéadfadh sé a bheith ar a mhalrait de chaoi, ach mar a bhí a mhuintir / Beannacht Dé dhuit a dhuine sin! D'eile cé'n chaoi a mbeadh sí ach mar atá dlúth agus inneach innte. Bhí an corr-bhéim in a máthair, agus b'iongantas é dá mbeadh sise dhá fhuireasbhaidh. Chonnaic mise a máthair ag tarraint aghaidh an phobail uirre fhéin … /[Bhí sé sin de dhlúth agus d'inneach ionnta go tóin. B'uathbhás é a sean-athair M. M. Fuair sé gamhainín le M. G., baintreach a bhí 'sa teach a bhfuil T. Ó. C. anois ann, fuair sé é istigh i ngarrdha fataí leis thuas imbárr an bhaile uair. Ba bheag a bhí foghluighthe ag an ngamhainín. D'fhága sé annsin é agus tháinic sé anuas go teach de mhaol a mhainge go bhfuair sé láighe agus píce agus téad. Chreidim gur rún a bhí aige a chrochadh leis an téid, dhá gcinneadh sé air leis an láighe agus leis an bpíce. Cé'n bhrigh ach chuaidh sé suas agus anuas thar teach na baintrighe gan caidéis ar bith a chur uirre. Ghiorruigh sé leis an ngamhainín ar aon-chor agus d'fheann sé é, agus d'arduigh sé leis anuas an craiceann. Ag teacht anuas thar teach na baintrighe dhó d'fhuagair sé uirre: "Gabh suas agus cuir do ghamhain" adeir sé. "Thug mise an craiceann liom in omós foghla".]/ Má tá sé gnaoidh-eamhail féin, tá sé mar atá dlúth agus inneach ann. Ní fhéadfadh sé a bheith ar a athrú de chaoi agus a theacht ó Mhuintir Thuathaláin. Níor leig Máire Ní Thuathaláin aon-duine amach as a teach ariamh agus anshógh air, agus dhiabhal tada dhá thais a bhí agán a fear L. Mh. ach oiread. Agus bhí Dia buidheach dóib. Choinnigh Sé rud leo ariamh /[Ní bheadh sé in a Chéideach mar a mbeadh sé mar sin. Bhí sin de dhlúth agus d'inneach ann. Deirimse leatsa go raibh. Thug na Céidigh an damhsa ó bhuaile leo. Bhí a athair, S. Mhag Céidigh, istigh ar rástaí Bhaile Uí Bhriota lá. Bhí bean an chláirín ann. Diabhal mé nuair a bhí dreas déanta aice nach bhfáisceann S. suas ar an gcláirín agus nach dtosuigheann sé féin. Is air a chruinnigh a raibh ar na rástaí. Thug sé an "sway" leis as 'chuile ceáird ag damhsa]/

Dlúth = aidiacht; breischéim — dlúithe, dlúthcha = neamh-scagach, teann, cruadh, comhgarach, goirid, docht, teannta le chéile, gar, comharsanamhail.

Go dlúth in a dhiaidh sin cailleadh é = fuair sé bás gan mórán achair in a dheidh sin / Go dlúth th'éis an lae sin, casadh orm ar an mbóthar aríst é, agus d'fhiafruigh sé dhíom an raibh tuairisc ar bith agam ar a sparán; gur chaill sé é … / Go dlúth indiaidh na bainse, tháinic an t-athair aniar lá ann de shinneán, agus thosuigh sé ag dul le cuthach … / Bhí mise 'san mbaile go dlúth th'éis na sochraide / Bhí sí isteach go dlúth th'éis an deich / Tá a cuid gruaige fighte dlúth aice = in a duail chruadha; fighte go maith ar a chéile / Déan duail dlútha de do chuid gruaige anois / "Do dhá ghruaidh dhearga mar an rósa agus do chúilín a bhí fighte dlúth" [As "Coinleach Glas an Fhóghmhair"] / Déanann sí figheachán dlúth ar a cuid gruaige igcomhnaí /[Ní fuláir duit troisleáin níos dlúithe ná sin a dhéanamh de do chuid gruaige, nó scaoilfidh sí aríst ort / Dhá mbeitheá indon figheachán dlúth a dhéanamh ar na dlaoiníní dhéanfaidís an-rópa ach ní hé 'chuile dhuine a bhí indon a dhéanamh. Ní hé ná leath 'chuile dhuine / Ná déan na duail cho dlúth sin, nó beidh an tiachóig ro-chruadh ag na cearca / Bhearr sé an-dlúth thú. Ara lom sé thú ar fad]/ Cé a bhearr na caoirigh sin. 'Nach hé a chuaidh dlúth orra. Tá siad sceadtha as éadan aige = a mbearradh isteach go craiceann / Diabhal aithne ort ar fhás aon-ribe gruaige ariamh ort, bail ó Dhia ort, tá tú bearrtha cho dlúth sin / Má seadh féin, tá diomallú mór 'san meaisín thar agus an speal. Baineann an speal an fear an-dlúth ach maidir leis an meaisín sin, ní thugann sí aon-bhaint air. / Tá sé sin ithte an -dlúth aca. Tá sé créinte go grinneal = beithidhigh ingarrdha / Ní mór dhuit an coirce sin a bhaint níos dlúthcha ná sin. Tá tú ag fágáil an iomarca de choinlín 'sa talamh. Breathnuigh thú féin anois air / Tá barrann an-dlúth air = garrdha fataí = na dasachaí ag fás an-ghar dhá chéile /[Tá an garrdha fhataí siúd thuas eirighthe in a choill agus na dasachaí an-dlúth air / Rinne tú an iomaire turnapaí sin a ghortghlanadh. Ní mór duit a dhul uirre aríst. Tá siad ro-dhlúth fós. Plúchfaidh siad a chéile]/ M'anam nach bhfuil an t-éadach sin

scagach, ach gurb é atá dlúth féin = a bheith fighte dlúth dhó / Ní raibh aon-fhigheadóir annseo ariamh mar C. Sin é a bhí indon an t-éadach a fhigheachán dlúth. Maidir lena figheadóirí eile sin, tá sé cho scagach in a ndiaidh, agus go bhfeicfeá frídíní thríd / Ní raibh aon-deilbh air. Sin é an fáth nachar fhéad sé a fhigheachan dlúth / 'Bhfeiceann tú cho dlúth agus atá do chuid éadaigh-sa thar mo chuid-se. Is furasta aithinte in a dheidh sin an t-éadach a chuaidh an praghas / Is maith an éadáil go deimhin é an leámháinín scagach sin. Níl clúdadh ar bith ann faoi chomhair an gheimhridh. Breagh nach bhfuightheá giota breagh dlúth agus gúna mar é seo a dhéanamh dhó / Tá siad dlúth ingaol = gar ingaol. / Níl gnatha agad tada a rádh in a measc sin. Aon-mhuintir amháin iad, muintir Árd-Raithin. Tá siad sin dlúth ingaol le chéile /[An bhfuil siad cho dlúth sin le chéile. Shíl mise nach raibh gaol ar bith ann, nó má bhí go mbadh gaol scaipthe é. Is fánach an chaoi a mbéarfaí ar theanga ar dhuine in a dheidh sin / Tá siad ina gcomhnaí an-dlúth dhá chéile annsiúd. Agus go deimhin má tá fhéin, ní choinnigheann siad aon-chomharsanacht le chéile, ach ag ithe agus ag liobairt ar a chéile, 'chuile lá dhá n-eirigheann ar a súil]/ Tá a chuid talmhana an-dlúth do'n abhainn annsiúd. Níl a fhios agam nach bhfuil sé ag síneadh leis an abhainn / Nuair a bhí sé istigh aige, bhí sé cho dlúth sin anois. Ní ghabhfadh do mhéir isteach eatorra / 'Séard atá air go bhfuil an doras ro-dhlúth do'n ursain, agus nach bhféadann sé dúnadh gan anró. / Tá sé ro-dhlúth leis an mballa. Tarraing amach scaithín é / Beidh sé ro-dlúth: Snoigh oiread na fríde dhó / Tá ciumhais an phlána ro-dhlúth leis an áit seo. Caithfidh tú sliseoigín eile a bhaint dhe / Dlúth-mhuintir: cáirdí gaoil; daoine a bheadh dlúth ingaol dá chéile / Níor leigeadh isteach ann ach an dlúth-mhuintir / Níor thug sé cuireadh ach do'n dlúth-mhuintir. Th'anam ó'n riabhach, dhá n-iarradh sé a mbaineann leis, ní choinneochadh an tír iad, ní áirighim an teach / Ní raibh deoraidhe ar an tsochraide ach an dlúth-mhuintir se'aige féin. D'eireochadh dó. Ní raibh sochraide dlighte d'aonduine ann. Ní sochraideach maith é / Is conórach an diabhal é. Thug sé daoine ann nach raibh gubh bainse ar bith aca air, agus níor bhac sé lena dhlúth-

mhuintir féin. Tá dhá chol ceathar aige annseo thiar i mB. na hA. agus níor thug sé cuireadh ar bith dhóib, marar thug sé cuireadh casáin /[A dlúth-mhuintir fhéin uiliog atá annsin: ainteanna agus col ceathrachaí. Is deacair hata bán a rádh léithe annsin deirimse leat / Má tá bráigíll ag J. ní hé sin dá dhlúth-mhuin -tir é. Siad atá thar a chéile ar an mbaile seo, agus dheamhan oiread aca agus a dhéanfadh torann ar leic / Má d'fhága sí udhachta mhór in a diaidh, is gearr is lón dá dlúth-mhuintir é. Tá brothtuinn aca annseo thoir, agus dhá mbeadh teacht isteach Hyde ar 'chuile dhuine aca, ba ghearr le dhul ar a scóig é / Dhéanfadh sé sin gnaoidheamhlacht leis an bhfear is fuide amach uaidh in Éirinn, ach ní fhiafróchadh sé d'aonduine dhá dhlúth-mhuintir féin a mbeadh béal orra. Postamhlacht agus leithead. D'eile?]/ Níl luighe ar bith aige len a dhlúth-mhuintir fhéin. Ag súdaireacht le strainséaraí a d'fheicfeá i gcomhnaí é, nuair a bhíos sé as baile. Ó mhuintir a mháthar a thug sé é sin // Dlúth-ghaolta: dlúth-mhuintir; na daoine is goire dhuit ingaol. Ara diabhal a bhféadfá é a thaobhachtáil len a raibh dhá dhlúth-ghaolta féin thar timpeall air. Chuaidh mé isteach ach thug mé cor faoi gcuairt arís, agus d'fhága mé annsin iad nuair a chonnaic mé a raibh ann / Is beag an mhaith dhomsa dlúth-ghaolta lá an anshógha. Is fada uaim a bhéas siad an lá sin. Má bhíonn rud agad, ar do chomharsa atá agad cumaoin a chur ar an gcéad-iarraidh. Bíonn duine as tuilleamaí gaolta, ach ní bheidh sé as tuilleamaí na comharsan go deo // Dlúth-cheangal = ceangal nó ceanglachán géar nó an-chumhang -aighthe / Ní chorróchaidh sé anois feicfidh tú fhéin air. Tá dlúth-cheangal air: a chloigeann buailte ar a chosa, agus crom-nasc in a cheann sin / Is dona an rud dlúth-cheangal mar sin a chur ar chapall. Bíonn sí an-ghiongach, an-sgeiteamhail in a dhiaidh /[Déanfaidh mise rud léithe: dlúth-cheangal a chur uirre. Suaímneochaidh sin í gan a bheith ag caitheamh claidheachaí]/ Dlúth-dhrad: drad dlúth; drad a mbeadh na fiacla buailte ar a chéile ann; drad nach mbeadh stramhas ná séanas ann, ach na fiacla 'na luighe go deas le chéile ar aon-mhéid agus ar chó-leithead /

Dlúth-bhearradh = bearradh dlúth. "Thug sé dlúth-bhearradh orm".

Dlúthaighim, Dlúthaigh, Dlúithte agus rl. = briathra. (ní mórán a bhíos siad i gcaint) = dul ingar; teannadh isteach le; rud a fháscadh in a chéile.

Tá siad ro-dhlúithte agad. Fág áit bheag idir iad / Dlúthaigh isteach iad. Tá siad ro-scagach mar tá siad / Meastú an ndlúthóchainn an péire le chéile tuilleadh, nó an ndéanfaidh siad mar atá siad /

Dlúthas: ainm-fhocal; fireann; geineamhnach uathaidh: an dlúthais
Dlúthas (: dlūs). Chuala mé dluais (dlūəš) agus gluais (: glūəš) ar an bhfocal seo ar an Achréidh (Liam Ó Flaithbheartaigh, Carnmór, Baile an Chláir]
Dlúthas: deifir, bruid, cipín, crudh a chur in a thosach, anró, easonóir cruadhóg

Chuala mé caint air ach níor chuir mé aon-dlúthas ariamh le fiafruighe céard é féin = níor chuir mé aon-easonóir orm féin le fiafruighe; Ní raibh an rud ag goilleamhaint sáthach mór orm le go gcuirfinn anró orm féin ag cur tuairisce /[Cuir dlúthas leis anois nó beidh tú dhá fhuireasbhaidh = teirigh ar a thóraidheacht gan mhoill / Mara gcuiridh sib dlúthas leis an bhfeamainn, ní eireochaidh aon-tsop lib imbliana = mara gcuiridh sib bruid ionnaibh féin ag dul dá tóraidheacht]/ Shílfeá go bhfuil an-dlúthas ag dul le airgead an phortaigh imbliana. Bhí sé ráidhte ar an bpáipéar a tháinic againne é a bheith íoctha roimh an cúigeadh lá déag de'n mhí seo / Tá an t-athair ag cur dlúthas leis an bpósadh. Deifir atá air go bpósaidh sé an mac siúd as an mbealach, faitíos go dtosóchadh sé ag strócadh ag iarraidh a dhul Sasana aríst / Mara dteighidh dlúthas le na "meaingiols" muis, níl ghnatha ar bith a dhul dhá gcur. Tá sé buille deireannach cheana féin, ach má leigeann sib an tseachtain seo tharaibh beidh sé thar am /[Mo chomhairle-sa dhuit dlúthas a chur le do chuid airgid. Droch-dhíolaidhe é sin. Ní mian leis scaradh le pinginn ar bith dhá mbeidh aige. Buail síos go dtí é de mhaol de mhainge agus abair leis é a thabhairt duit]/ Is rud í an fhoghluim má chuireann duine dlúthas léithe go mbeidh sí aige. Ach bhí na gasúir a bhíodh fadó ann,

an-doscúch. Ní chuirfeadh do cheann finne ag an scoil iad, mara dtogruighidís féin é = caithtear luighe le fonn leis an bhfoghluim agus gan síléig ar bith a leigean innte / An té nach gcuir-fidh dlúthas len a ghnatha, beidh siar dhó fhéin, agus is beag an scéal é /[Má tá pian cho gártha sin ort, ní fuláir duit dlúthas a chur léithe. Níl gnatha ar bith a bheith dhá buachailleacht. Siúd é atá agad a dhéanamh: bualadh soir chuig an dochtúr an chéad lá eile /[Bhí sé annseo indiu ab eadh? Ag iarraidh an tuarastail? Nach aige atá an dlúthas leis! Shílfeá gur ag dul a chodladh in a throscadh atá sé. Is maith an dícheall do na daoine sagairt a choinneál íoctha. Ag sclamhaireacht ag iarraidh airgid 'chuile lá]/ Is fearr dhuit gluais a chuir leis, nó beidh sé uait / Níl dluais ar bith leis an obair sin thar 'chuile obair / Breagh nach scríobh -ann sib an leitir sin agus gan a bheith dhá cur ar an méir fhada i gcomhnaí. Nach bhfuil a fhios agaibh féin go bhfuil dlúthas léithe / Ó thárla an cogadh a bheith thart anois, ba cheart go mbeidís ag cur dlúthais le rudaí aríst. Is gearr go mbadh cheart do tae a bheith isteach agus d'ola lampa /[Tá an sagart ag iarraidh dlúthais a chur léithe (: scoil nuadh). Tá sé ag iarraidh í a bheith déanta roimh an ngeimh-readh, i gcruth agus go gcoiscfidh sé aistir do na gasúir / Fág mar sin an obair sin go ceann seachtaine. Tá breith mhaith uirre sin. Níl aon-dlúthas léithe]/ Dar príocaí níor chuir mé aon-dlúthas fiafruighe dhó cé'n chaoi a raibh an t-athair: Shíl mise go raibh sé ar a shean-léim le fada /[Níl aon dlúthas mór mar sin le imeacht. Ní thiocfaidh an bus go dtí an deich / Bhí mé ag éisteacht le fear ag "speecháil" annsin thoir an lá faoi dheireadh. Má b'fhíor dó siúd, rinne siad cat agus dá rioball. Tháinic sé go dtí an béal agam, fiafruighe dhó, ó a bhí sé cho bastalach, tuige nachar cuireadh dlúthas le rud eicínt annseo a thiubharfadh slí bheatha do na daoine thar agus iad a bheith meathta ag rith anonn agus anall go Sasana / Má theigheann sé isteach, gheall sé dhom go gcuirfeadh sé dlúthas leis an mbóithrín sin suas. "Ná bíodh faitíos ort" adeir sé. "Cuirfidh mise crudh in a thosach anois"]/ Níl dlúthas ar bith ag-ainn le teach a fháil déanta. Dhá mbeadh scioból déanta, 'sé ba ghoire do leas /

Dlúthasamhail (: dlūsūl ′): aidiacht as dlúthas = cruadhóg nó deifir
a bheith le rud; rud nach mbeadh aon-bhreith ar a dhéanamh; bruideamhail.

Tá an tráigh dlúthasamhail thar 'chuile shórt = ní mór a tapú nó
a dhul innte ag an am a mbíonn sí ann, nó beidh duine aiste /
Ní fuláir duit a bheith dlúthasamhail leis an ngráinín coirce
sin. Tá sé thar am a chur. Sin é an coirce cuaiche ar chuma ar bith /
[Bígidh dlúthasamhail leis an dínnéar indiu. Caithfidh mé a dhul siar tigh
L. / Sin é atá dlúthasamhail faoi'n rud a thiubharfas sé uaidh a
fháil ar ais. In ucht am dinnéir a fritheadh an ceap sin, agus chuir sé
fios air anois aríst / Níl rud ar bith is dlúthasamhla ná a bhfuil d'fhataí
annsin thoir a ghlanadh. Tá siad ithte le flith agus le salachar. Diabhal mé
go bhfuil airde cránn báid ionnta / Cé'n fáth a bhfuil an t-airgead
acraí cho dlúthasamhail sin imbliana seach agus bliain ar bith. Bhí
ionbhadh dhá mhí faoi anuiridh / Nach hé atá dlúthasamhail len
a dhul ag cur coille. Shílfeá má bhí breith go dtí anois ar an gcoill
sin, go mbeadh breith cupla lá eile uirre. Ach tuaifisc mar
sin é]/ Hébrí céard a dhéanfas tada, níl rud ar bith cho dlúthas-
amhail leis an tae. Dhá dteagadh fairsingeacht ar an tae, diabh-
-al mé go mbadh mhór an leas do na daoine. Tá an tae an-spreag-
amhail / Bhí sé thoir ag caitheamh bhóta sul ar h-oscluigheadh an
scoil. Sin é an buachaill agad! Nach hé atá dlúthasamhail go gcuiridh
sé M. A. isteach! / Tá an "spray" sáthach dlúthasamhail anois.
Feicfidh tú na fataí dubhuighthe as seo go ceann dhá lá. Tá an uair
seo an-mharbhánta, agus ní chuideochaidh na múraolachaí seo tada leo
(: le na fataí) /[Ní bheadh a fhios ag duine cé's dlúthasamhla an fheamainn
dearg ná an mhóin. Mara mbaintear an mhóin, beidh na daoine in
a mbambairne ag iarraidh a bheith dhá triomú amach annseo agus an ghrian
maoluighthe; agus mara dtapuigheamuid muid an fheamainn dearg,
dheamhan agus móide sop a thiocfadh aríst imbliana. Tá duine idir ord
agus inneoin i gcomhnaí]/ Scread-chasta an diabhail air, marab é atá
dlúthasamhail faoi, 'scáth deich scilleacha. Teigheadh duine agaibh siar
ambáireach agus caitheadh sé aige é. Beidh a shliocht air: dheamhan duine
as an teach seo a shuidhfeas istigh in a charr len a ló aríst /

Do- = réammír roimh aidiachta agus aidiacht bhriathra = malrait so-
= nach féidir a dhéanamh; a bhfuil sé an-deacair a dhéanamh [do-: du
: du.. Tá réammír eile dubh- atá an-choitianta agus atá ar an aon-fhuaim
le do- nó ionann agus é. Bíonn an guth i "dubh" níos fuide siar ná do- meas-
aim. Ach is furasta a n-aithneachtáil thar a chéile ó'n mbéim
chainte. Cuirim igcás "do-thóigthe" agus "dubh-thóigthe". Is beag atá is na
fuaimeannaí féin a gcuirfeadh duine cronuighe ionnta mar a dtóigtí
le Gaedhilge é, ach brathfaidh aonduine go bhfuil an bhéim nó có-bhéim
ar do- i "do-thóigthe", agus go sciorrann sí thar "dubh-" i "dubh-thóigthe" go
dtí an príomh-fhocal. Tá a mhacsamhail de rud le an- an (ain) i
bhfocal mar an-eolas, aineolais, an-fheoil, ainfheoll (ar "an"
agus ní ar "an-" atá an bhéim)]
Is féidir do- a chur roimh aidiacht nó aidiacht-bhriathar ar bith
agus baintear leas as éadan as is an gcaint mar sin. Níl annseo
síos ach roint somplaí: —

do-bhlighte (bó do-bhlighte — ní shéimhighthear é go minic leis an bhfocal
buineann féin) / Bóithrín an-do-shiubhalta é (baintear leas as an-
go minic roimhe) / Portach do-bhainte é / Curach do-iomra(mha) í (nó
do-iomruighthe) / Tá sé an-do-ólta (: leann) / Nach sib a chuir docht ann é. Tá
sé do-bhogtha / Tá an ghlas-shnaidhm seo do-scaoilte / Móin do-thriomuighthe
í / Éadach do-nighte é / Níl na fataí nuadha sin do-bhruithte chor ar bith /
"Tá na fataí seo do-nighte, do-bhruithte, do-churtha síos.

Tá an tincéara igCorcaigh agus an pota ag leigean thríd" [as "Fáilte an
Duine Dhoicheallaigh"] /[Tá an ithir do-spréidhte th'éis na báistighe / Iasc
an-do-ithte é in a dheidh sin. Tá sé ro-láidir / 'Ar ndú' tá sé do-fhuinte
nuair nach gcuireann tú sóidí ann / Tá an raibiléara de khettle
sin do-fhiuchta / B'éigin fuath fíonnaidh a chur ar an gcích dhó sin. Bhí sé
do-choiscthe. Sin é an fáth a bhfuil an spreacadh ann / Tá a chuid scríbh-
neóireacht do-léighte go maith / Tá an garrdha siúd féin sáthach do-
bhainte / Is fear do-bhuailte é. Cá'il fear a bhárrtha mar sin? Dheamhan
duine a d'fhéach é nachar chuir sé taobh na bpoll as a chionn / Tá Sasana
do-bhuailte / Sin bróga do-chaithte agus an fhad agus atá siad agad / Tá sé siúd
do-mharbhuighthe nuair nachar mharbhuigh a bhfuair sé d'iarrantaí
céadtacha annsin siar é / Is "bicycle" an-do-thiomáilte é seo. Tá sé
dubh-throm]/ Bhí an capall sin a bhí go deireannach ag P. Sh. buille do-

cheansuighthe. Is beag nachar chinn air a thaithiú le na "mótarss" chor ar bith / Tinneas do-leigheasta é, mara dtapuighthear in am é / Maidir le T. níl aon-mhaith air. Tá sé do-leigheasta / Tá an doras sin do-shníomhtha a mhic ó. Beir air go bhfeicidh tú cho daingean agus atá sé / Tá an "bicycle" sin do-bhriste nuair nachar bhris sé siúd é le bliain / Tá an bhó sin an-do-thóigthe / Duine an-do-thóigthe é. Dhá bhfaghadh sé fuigheall na bhfuigheall, ní bheadh slacht a chodach air /[Chaithfeadh sé go mbadh leitir do-scríobhtha a bhí innte, má chaith sí léithe ó eadarshuth go trathnóna / Níl peacadh ar bith do-mhaithte. Ag Dia atá 'chuile shórt a mhaith míle moladh leis féin / Tá an talamh atá annsin thuas againn do-choisnighthe. D'fheach mé len a chosaint anuiridh agus athrú anuiridh. D'fháluigh mé é, bhiorruigh mé na claidheachaí, chuir mé sceacha orra, ach bhí mo shaothar in aisce agam. Bhí siad leagtha go talamh faoi cheann coicíse / Is do-chreidthe an scéal é, nach do-chreidthe, nach bhfaca sé aon-traen ariamh / Sin rud do-chreidthe muis, ach d'fhéadfadh sé a bheith amhlaidh in a dheidh sin. / Tá an fheasóig seo orm sáthach do-bheárrtha ach dhá mbeadh an barr marbh bainte dhi agam, bheadh liom / Diabhal a bhfaca mé aon-uisce ariamh cho do-théighte leis sin aindeoin go bhfuil caor theine faoi / Tá sé do-fhaighte anois ar chaoi ar bith, ach sin é an chaoi le 'chuile shórt dhá mbíonn 'san teach seo. Ní bhíonn aon-fháil air / Nuair a d'eirigh siad do-fhaighte (: na tuitíní), d'eirigh seisean asta, th'éis nach ndéanfadh luach deich scilleacha 'san tseachtain lochán ar bith dhó roimhe sin]/ Tá an fheárnóig do-lúbtha / Talamh do-shaothruighthe críochnuighthe é / Duine do-mheallta é sin. Is deacair cluain a chur air / M'anam go bhfuil na muca féin do-dhíolta th'éis a laghad aca agus atá ann / Níl rud ar bith do-dhéanta, má tá díocas ceart ar dhuine a dhéanamh / "An rud a bhí do-dhéanta rinne Sé Féin é. D'fhulainn sé A sciúrsáil A chrochadh agus A chéasadh" [as amhrán Diadha: "trí scóir a bhí an Naomh Joseph nuair a phós sé Muire Mháthair"] / Tá na cupla mullach siúd an-do-ghlanta. Tá pláigh shalachair ionnta / Tá sé do-mhúinte ag an scoil, agus do-smachtuighthe 'san mbaile / Duine do-shásta é / Breac an-do-mharbhuighthe é / Duine an-do-shaghdtha é = is deacair a shaghdadh / Duine do-chomhairleach é = ní ghlacfadh sé comhairle; ní ghéillfidh sé do chomhairle / Sin é an chaoi

a mbíonn an duine do-chomhairleach igcomhnaí. Ní bheidh sé sásta mara dtugaidh sé an dubh-léim. / Bhí sé sin doscúch do-chomhairleach agus tá a shliocht air. Breathnuigh indiu air! / Ó tá sé cho do-chomhairleach agus go bhfuil, a chead sin a bheith aige. A chomhairle féin do mhac dhanra. Múinfidh an saoghal é, feicfidh sé féin air / Sin é an chaoi a mbíonn an duine dona do-chomhairlighthe igcomhnaí / Nach diabhlaí an chaoi a chuir sé air fhéin faoi dheireadh thiar th'éis a bhfuair sé de dheis. Deir siad go mbíonn an duine dona do-chomhairlighthe agus an duine sonaidhe so-chomhairlighthe. M'anam go bhfuil a chomharaidheacht len a chois freisin. Is beag den cheird sin a fheicfeas tú ar mhac Sh. an tSiopa seo thuas /

Doras (: doruṣ : dorəs): ainm-fhocal, fireann; geineamhnach uathaidh : béal an dorais (: dor ʼ iš r caol i gcomhnaí): uimhir iolraidh: doirse (: dors‾ ˈ ə : rs caol le chéile i nGaedhilge Chois Fhairrge agus nach bhfaca mé aonthrácht orra i ndréachta urlabhraidheachta: dorsə freisin); dorais. Doras: bearna i mballa nó i dteach i bhfoirgneamh nó ingabhainn le dhul isteach nó amach ann. Comhla a thugas cuid mhaith daoine ar an bhfráma adhmaid a dhúintear nó a oscluighthear is an mbearnain réamhráidhte agus doras ar an mbearnain fhéin, ach níl luighe ro-mhór ag an gcaint leis an idir-dhealú seo, cé's moite má bhíonn an fráma adhmaid gan a bheith in a áit fhéin is an "doras" (: é a bheith tóigthe anuas nó gan é a bheith curtha suas) go dtugtar comhla an uair sin go h-iondamhail air, ach ní igcomhnaí ná baoghal air é ach oiread.

An doras dúinte nó an doras iadhta = an doras a bhíos dúinte / An doras oscailte / Doras na gaoithe / Doras an fhascaidh / An cúl-doras nó an doras cúil; doras na sráide nó an doras tosaigh = i sráid -bhailte nó i mbailte móra, nó ar fhoirginte ar leith fearacht séipéil agus tighthe ósta a bheidís seo i gceist. Is annamh a labhartar orra faoi thighthe tuaithe mar bíonn siad sin i gcleitheamh -nas luainneachas na gaoithe / An doras beag, nó an leath -dhoras = doras beag a bhíos istigh 'san doras mór agus nach mbíonn ach ag dul leath bealaigh ó thalamh go fárdoras an dorais

mhóir. Bíonn an doras mór oscluighthe agus an doras beag dúinte le cearca agus rl. a choinneál amach agus le páistí a choinneál istigh. Bíonn a leithidí i siopaí agus i ndoirse móra a bhíos i leabaidh geataí go minic freisin / An doras amach agus an doras isteach = bíonn siad i dtighthe pictiúir, faithcheannaí imeartha agus rl. / An doras mór = tighthe a mbeadh níos mó ná doras amháin orra agus ceann aca níos mó nó níos árdnósaighe ná an chuid eile. Ar tighthe móra a bhíos siad go h-iondamhail: maindoor, entrance / Ní bhíodh doras ar bith in aon-teach fadó, ach beart (slat) a bhualadh ann mar a fheiceas tú is na bráicíní beaga caorach sin suas i S. Mh. anois = cuimnigheann dream atá beo fós go bhfaca siad é sin is an tír seo. Corr-theach a mbíodh comhla air chor ar bith. / Bhíodh C. a bhí annsin thuas i mballa Ch. ag sireoireacht ó theach go teach agus ag ól an uachtair de'n bhainne, 'nuair a bhí muintir an tighe in a gcodladh … Cé'n stró a bhíodh air a dhul isteach agus gan de dhoirse ar na tighthe ach birt shlat, nó fhraoigh. Nach bhféadfadh a rogha duine a dhul isteach agus cé'n aireachtáil a bheadh air / Ní fheicfeá mapa le doras ar bith anois. A Dhia agus a Chríosta nach minic a rinne mé iad! / (fc. mata mapa, dual) / Céard atá leis an doras? = in aghaidh an dorais / Cé'n sórt mála é sin leis an doras dúinte? / Bhí mé leis an doras iadhta ar feadh na h-oíche agus an seoideadh isteach orm / Caithfidh tú doras a chur leis an teach (leis an seomra, leis an ngarrdha mór, leis an tsráid, leis an bhfail agus rl.) = doras a chur suas ann / Níorbh fhiú leis a dhul go doras liom / Tháinic sé go doras, ach ní thiocfadh sé isteach ar bhás an domhain / D'airigh mé duine eicínt ag teacht faoi'n doras = in aice an dorais taobh amuigh / Bhí tusa ag teacht faoi dhoras an fhascaidh agus eisean ag dul amach doras na gaoithe. Ach cheapfainnse go mb'eisean a mb'éigin dó doras an fhascaidh a thabhairt air fhéin len a anam = magadh focail / Tá an bus ag dul thar an doras agam 'chuile lá / Seas 'san doras feai'nt a bhfeicfeá é / Tabhair an doras amach dó = cuir an doras amach é = caith amach é = tabhair bóthar dó / Tá sé in am doras nuadh a dhul air, agus a liachtaighe lá ó a rinneadh an tsean-chomhla sin / Nach bhfeicfeá as an doras é? / Tá sé ag imeacht ó dhoras go doras ag iarraidh a chodach / Ní maith liom duine ar bith a chur ó dhoras

= dhá n-iarrfadh duine lóistín na h-oíche níorbh ait liom a eiteach / Duine ar bith a iarrfas lóistín ort choidhchin in onóir Dé agus Mhuire, ná cuir ó dhoras é / Níorbh fhurasta leis ceannaidhe ná bean siubhail a chur ariamh ó dhoras. Go dtugaidh Dia a luach dó / Tá sé imbéal an dorais agam = is comharsa bhéal dorais liom é / Rugadh i mbéal an dorais agam é / Chaith muid scathamh maith i mbéal an dorais agán a chéile / An t-asal ab eadh? Bhí sé i mbéal an dorais annsin ar ball / Cuir amach as béal an dorais é, an diabhlánach / Gabhfaidh mé ag baint ghiosadáin annseo amuigh go fóilleach: is gránna an rud iad i mbéal dorais / Is deas é imbéal dorais muis! / Ní hí an t-eallach is fhearr i mbéal dorais ag duine í! Rud ar bith a fheicfeas sí ar sliobarna, beidh sé árduighthe léithe aice ar chaoi ar bith / Is maith an stoc atá imbéal dorais anois agad: feidheall mádraí! /[Ní fheicfeá rud ar bith i mbéal dorais is gráinne ná é / Tá scioból mór míllteach déanta aige anois i mbéal an dorais / Nach bhfuil a chuid talmhana uiliog i mbéal a dhoruis / Níl call dó corruighe as béal an dorais aon-lá 'san mbliain le breac a mharbhú. Tá an fhairrge buailte air / D'fheicfeá a theach as béal an dorais annsin amuigh / Is breagh an ball imbéal dorais í, faoin a cuid seolta móra bocóideacha, bacóideachaí (= bád) / Is gránna an ball i mbéal dorais í (: bean gan aon-tslacht) / 'Chuile bhall imbéal mo dhorais ach é sin (: fear nachar thaithnigh leis)]/ Is lughar liom é ná an diabhal ag teacht ag béal mo dhorais agam / Níl bó in a dhoras = níl bó ar a sheilbh / Níl cearc in mo dhoras ag an sladaidhe de shionnach / Bhí dath gach bó ar sliabh aige, agus níl bó ná gamhain in a dhoras indiu. Deir siad gur eascainí sagairt a rinne é / Ba leitheadach é cho uain agus bhí rud aige. Ach níl bó ná gamhain in a dhoras indiu / Fear ar bith a bhfuil bó ina dhoras ar an saoghal atá ann, tugadh sé buidheachas le Dia / Chuaidh mé go doras an bháis le na liagrachaí sin. = fhobair go bhfuair mé bás leo / Fuair mé ruaig bliain go h-am seo, agus inDomhnach chuir sí go doras an bháis mé / [Deir daoine nach bhfuil aon-dochar 'san mbruiththíneach. Dar fiadh chuir sí na gasúir se'againne go doras an bháis imbliana]/ Chuaidh sí sin go doras an bháis an t-am sin leis an bhfiabhras, ach diabhal mé gur shrian sí as in a dheidh sin / Bhí sé go doras an bháis aice. Cuireadh an ola dhú nae trí (: a dhó nó a trí) de chuarta air, ach thug Dia as é in a dheidh sin /

Dlaoi, Dlaoinín, Dlaoitheog; ainm-fhocla, buineann, geineamhnach uathaidh
na dlaoi, an dlaoinín, na dlaoitheoige; ainmneach iolraidh: dlaoitheanna
(dlaoitheachaí), dlaoiníní, dlaoitheogaí
Dlaoi: foithnín; seamaide; slaimín gruaige, lín, barraigh, féir agus rl.;
fogha amháin de chorrán ag baint arbhair; an ribe nó an fíonnach ar náire
mná; stiallannaí den fhorchraiceann nó de'n rúsc a bhíos ar
shlata sailighe, nó saileánaighe, nó ar fhidheogaí.
Dlaoitheogaí, dlaoiníní: Dísbheagadh ar dhlaoi: maistí agus rúsc slata nó fidheog go h-áirid.
"Bheidís dhá bhualadh ar an talamh in a dhlaoitheachaí, nó go ndéanf
-aidís a lagachan le tuairgín lín — na dornáin scaoilte istigh
aca ar an urlár. Nuair a bheadh sé lagtha thugaidís leo
é agus d'fhaghaidís cathaoir agus leagaidís ó dhlaoi go dlaoi ar
shlinneán na cathaoireach é, agus iad dhá bhualadh le slis scuitseála
agus sceamhadh ar 'chaon taobh di mar a bheadh bois maide rámha.
Bhaineadh an scuitseáil an síol agus eile as" [giota as cuntas
faoi'n líon a fuair mé ó m'athair] / Níor fhan dlaoi ghruaige ar a
cloigeann nachar thuit / Tá a gruaig ina dlaoitheannaí móra fada
caithte thrín a chéile / Dlaoitheoig thuighe a thug sé amach san doras
ag deargadh an phíopa a dhóigh an teach. Bhí an-stolladh gaoithe ann, agus
chuaidh an lasair 'sa mbun-tsop /[Bhí a raibh sa teach thuas ag
gort-ghlanadh fataí cé's moite de'n dá ghasúr. Diabhal easna
dhóib sin, nach dtosuigheann ag lasadh dlaoitheogaí ar an teallach
agus dhá dtarraint amach ar an tsráid. Deir Taimín gurb í Cáit
adubhairt leis féin an dlaoidheoig a chur 'sa teach. 'Ar ndú' ba é
a gciall é! Ar a theacht aníos de bhean Ph. Dh. bhí an teach thríd
lasadh agus í déanta siar ar an mbun-tsop uiliog …]/ Níl dlaoi
ar a mullach nach bhfuil faoi shneádh / Níor fhága siad dlaoi uirre thoir
ann. Thug siad lomadh na caorach di. Cé'n bhrigh ach go sílfeá go
raibh sí siúd cho galánta, agus nach dtiubharfadh sí míol ná aicíd léithe
in a crioslaigh … /[Níl dlaoi fhéir ar bith ar na cnocáin nach bhfuil
spalptha leis an triomach. An ghionnóid féin níl ann / Cuir an rac-
án ar an gcoca sin, agus bain na dlaoitheachaí sin dó. Tá sé cuileach
ar fad. Is gránna an rud a fhágáil mar sin]/ Is diabhlaí puinteáilte
an fear é. Má's é an coca tuighe fhéin é, ní fhágfaidh sé dlaoi

ná dlaoidheoig ar sliobarna leis. Chonnaic mé thuas é ag scrathadh portaigh, an lá faoi dheireadh. Nuair a bheadh píosa scraithte aige igcomhnaí, ghabhfadh sé ar ais go mbainfeadh sé lorgachaí a chos as an mbínse! /[Ní fheicfeá dlaoi fhéin bhruimfhéir is na fataí i mbliana ní ag tabhairt gubh air é! Meastú cé'n fáth! Nó é an sneachta a ghiorróchadh leis / Is diabhlaí an loscadh sléibhe é sin a bhí ar chuid T. an oíche cheana. Ní bheidh dlaoi fhraoigh imbliana ann]/ Sraoill cheart í sin. Má theigheann tú isteach chuice lá ar bith — Domhnach agus Dálach 's aon-chás amháin é — ní bhíonn a dhath cíoradh ar a gruaig aice, ach í in a dlaoitheachaí móra gránna anuas ina súile. Tuinte fada na h-óinsighe, adeir siad /[Dlaoi de ghruaig a máthar atá sa ruidín beag sin atá faoin a muineál. Is ceart dlaoi de ghruaig t'athar nó do mháthar a choinneál. Ní fhéadfaidh tú tada eile a choinneál / Foighid ort! Tá dlaoitheachaí féir ar do sheaicéad. Cá raibh tú do t'ionnfairt féin?]/ Bain dlaoitheog as an scuaib sin dom nó go réidhtighidh mé mo phíopa. Tá sé calctha 'chuile phuinte /[Tá an rópa sin uilig ag scéitheadh. An bhfeiceann tú na dlaoitheannaí ag teacht dhe? / Ná bac le tuighe chuileach! Níl dlaoi de'n méid tuighe a chuir sé ar an teach nach bhfuil cuileach as éadan / Dhá mbáithtí istigh 'sa teach é, dheamhan dlaoi tuighe a chuireas mise dhó. Ba chumaoin dom go deimhin!]/ Tá mé go dtí an dlaoi mhullaigh leis an stráca seo. Dhá mbeadh cupla dual agus baib-ín agam innte, ní dhéanfainn níos mó indiu = an tuighe is aoirde a bhíos ar an teach, as cionn an mhaide mullaigh /[Tiubharfaidh mé liom go dlaoi mhullaigh anois an stráca seo ó a thosuigh mé chor ar bith air. Is measa an chíor ná an teach féin]/ Ní bheadh dlaoitheoighín bharraigh thuas agad. Tá dógh bhuilg ar T. aríst / Chuaidh dlaoitheoigín bheag thobac le m'anáil, agus chaith mé an lá ag casacht ag iarraidh mo sceadamán a réidhteach / Deir tú le dlaoitheoigín bheag de'n tobac sin atá istigh 'sa "bhfeaig" a shluig mé! Nímé an bhfuil aon-dochar annsin. Déar -fadh daoine go bhfuil / D'fheicfeá ag fás in a dhlaoitheannaí ar na clocha thíos 'sa gcladach é / Fagh dlaoi rúine (: róine) agus fáisc ar sin é. Coinneochaidh sin é / Ní bheadh dlaoithín ar bith agad a dhéanfadh glinne. Is gearr go dteighidh mé ag iascach / Sin fíonnach bó — an dlaoi sin. Is furasta aithinte é / 'Bhfuil a fhios agad céard é

sin? Sin dlaoi oakum. Is mór dhe a spíon mé 'sa bpríosún / Bhain mé dlaoi choirce agus chaith mé thar claidhe chuice é, ach ní thiubharfadh sí bolg dhó = an oiread agus a bhainfeá d'aon-fhogha amháin le corrán / Leagann sé na dlaoitheachaí thart ar sraith gan a nglanadh chor ar bith /[Cuir dlaoi eile ann. Má tá tú dhá leagan ina dhornáin, níl cion dornáin 'sa méid sin. / Is áibhéil an dlaoi corráin atá aige. Diabhal mé go bhfuil dornán is 'chuile dhlaoi / Pioc an sop as an dlaoi sin. Is maith an buannaidhe thú! Ní féidir go bhfuil tú dhá leagan thart mar sin ar feadh an lae. Má tá muis níl ann ach ath-obair. 'Sé a théighfeas má tá mórán de shop an tséaláin sin ann]/ Is furasta coirce a bhaint a fhearacht seisean. Ní bheadh ar dhuine ach an dlaoi a leagan thairis gan glanadh ná piocadh ar bith. Ghabhfainn féin poll maith isteach ingarrdha coirce, lá ar an gcaoi sin. / Seo é atá agad a dhéanamh nuair a bhainfeas tú an dlaoi. Breathnuigh ormsa. Beir ar a cheann mar sin, agus scag amach a bhun, agus leig do'n tsop tuitim as. Craith go maith é mar sin, ach coinnigh greim maith ar a cheann. Níl mórán call glanta dhó má ghníonn tú sin leis /[Ní bheadh gar ar bith dhuit a dhul ar do dhearnachaí annsiúd mar chaithfeá eirghe in do ghamal le 'chuile dhlaoi tá an eorna siúd cho salach sin / Scoilt sé an dlaoi aice = scoilt sé an dollán aice = scoilt sé a ribe = an rud a dtugtar an "maiden hair" air a bhriseadh; ach deirtear é le có-riachtan ar bith le bean go minic]/ Scoilt sé an dlaoi aice lena chleith chábáin / Tá an dlaoi scoilte go maith aice faoi seo ar aon-chor / Bain dlaoinín as drioball an mhadadh an chéad lá eile, agus cuir leis é. Nach maith domhainn a chuir sé na fiacla ionnad ar aon-chor / Dhá mbainteá dlaoinín as drioball capaill, dhéanfadh sé an-ghlinne dhuit /[Cé'n chaoi a bhféadfaidh mise dlaoinín a bhaint as drioball an chapaill agus cho h-oilbhéasach agus atá sí. B'fhéidir gur iarraidh isteach ar an mbéal a thiubharfadh sí dhom / Cé'r ab as a dtáinic an dlaoinín seo 'san im. Chuirfeadh sé col ar dhuine]/ Meastú nuair a bhí mé ag ithe builín a tháinic aniar ó tigh P. L. an lá cheana nach bhfuair mé dlaoinín istigh ann. Gruaig an bháicéara is dóigh / Is mór an tseanmóir

thú 'chuile ré solais ag iarraidh dlaoiníní (dlaoithíní). Breagh nach gcoinnigheann tú dearg é nuair a bhíos sé dearg agus gan a bheith ag sárú na ndaoine leis [: dlaoinín, dlaoithín = maiste] / Torm (: tabhair dhom) dlaoinín as sin go ndéanaidh mé maiste / Figh na dlaoiníní sin uiliog in a ndual, agus teirigh síos agus las dom iad l'aghaidh maiste do mo phíopa /[Is beag an dlaoinín a theangóchadh leis sin anois 'nuair a phléascfadh sé agus a chuirfeadh sé an teach sin in aer. Dia aithnighear! Coinnigidh amach uiliog uaidh, nó go dtugtar amach as an teach é]/ Níor mhór dhuit corr-dhlaoidheoig de'n olann ghlas a chaitheamh ar an dlúth. Is amhlaidh is deise a bhéas sé / Rópa dlaoiníní = rópa tuighe cáithteach = "rópa a dhlaoidhfeá de bhruibh. Na bruibh a fháil suas annsin isna bárra. Bruibh mhóra láidre : fidheogaí. A dtarraint as an bhfréimh. A gcrochadh suas ar phionna nó ar an gcragadán cupla lá nó go dtriomuighidís. Ní mórán triomach a d'iarrfaidís. Iad a shnoigheachan annsin: a ndlaoith -iú. Bhéarfá ar an dlaoinín le t'fhiacail. 'Sé an dlaoinín an craiceann atá taobh amuigh ar an mbrobh. B'fhearr t'fhiacail ná t'ionga leis an dlaoinín a tharraint anuas de na bruibh. Mara mbeirtheá mar sin air, dhéanfadh an rud bog atá istigh 'sa bhfidheoig mionús. Níl maith ar bith leis an rud bog sin ach a chaitheamh uait. De na dlaoiníní a dhéanfá an rópa. Le corrán nó le corr-shúgáin a dhéanfá é. Dhá mbeadh fear maith dhá dhéanamh, bheadh sé cho maith le rópa rúinne (: róinne) — rópa ruadh. Trí duail a chur ann. Chuirfeá ar chocaí féir é. Nuair a chuirfeá ar chocaí é, ní iarrfá é a fhigheachan chor ar bith. Dhéanfadh dual amháin thú; agus ar chruacha coirce freisin. Chuirfeá ar mhuic é ag dul ar an aonach agus ar ghádrachaí maoil asail ag tarraint malaigh feamainne. Dhéanfadh fear maith an-chaol é, agus bheadh sé go maith in a dheidh sin. Dhá mbeitheá ag déanamh rópa muc dhó (: dhe), chaithfeá trí rópa a dhéanamh agus na trí rópa a fhigheachan suas in a chéile: trí duail … Slata: nuair a bheadh slata bliain istigh chaithfidís a mbáthadh len a mbogadh, má ba leat cléibh, scoilb nó eile a dhéanamh dhíob. Bheidís mí ar bogadh i gclaise shul a n-oibrighthí iad. Bhruithfeá slata l'aghaidh cléibh-

-ín ime. A ndlaoithiú annsin, agus dhéanfadh na dlaoiníní rópa, ach ní bheadh sé cho maith leis an rópa dlaoinín bruibh. D'fheicfeá mná ag cur dlaoiníní na mbruibh nó na slat igcluasa an túirne (dlaoinín nó fiadhtaighil an dá rópa is fhearr) mar is ann istigh a bhíos an fearsad, agus an tsreang ag imeacht ar an bhfearsaid … Solus: dhlaoidfidís anuas na fidheog-aí agus d'fhágaidís stríoc bheag de'n dlaoinín ar an mbrobh, igcruth agus nach dtuitfeadh a mbeadh istigh ann amach in a mhionús. Chuiridís bealadh annsin orra: ola faidtín nó ola runnaigh, agus a leaghadh ar cham agus a dtumadh ann. Mara bhfágthá dlaoi bheag síos ar fhad an dlaoinín, leagfadh a mbeadh istigh ann. Bhíodh faidhtíní agus runnaigh in a snáth mara annseo an uair sin. Na h-aobha a leaghadh ar an teine, agus nuair a bheadh lochán agad na bruibh a thumadh uiliog ann, nuair a bheidís dlaoithte: an dlaoinín bainte dhíob. A gcrochadh suas ar stálú 'sa simléar nó go mbeidís tirm … " [Sliocht as cuntas faoi rópaí, dlaoithiú agus eile ó Mháirtín Ó Chadhain, Cnocán Glas, Spidéal] /[Deir tú leis atá ag cur rópa dlaoiníní ar an gcoca. Is fadó ariamh an lá nach bhfaca mé duine ar bith is na bólaí seo dhá dhéanamh sin cheana, ach is daor an spóilín é rópa ruadh anois, chreidim. In aice sin, tá neart na bhfidheog-aí buailte air annsiúd / Dlaoiníní slat iad seo! Cé a bhí ag ciseadóireacht? … T. Mh. Huga leat! Ciseadóir maith é mh'anam agus caoladóir maith freisin / Caithigidh amach as an mbealach na dlaoiníní sin mara bhfuil sé de stuaim igceachtar agaibh rópa a dhéanamh dhíob. Níl aon-ghnatha annsin aca]/ Chonnaic mé rópa dlaoiníní ar mhuic ag S. Ó M. thoir ar an aonach an lá faoi dheireadh. Diabhal a leithide de rópa! B'fhearr é na róipín rúinne (: róinne) ar bith. Bhí fuinneamh ann nach gclisfidh go lá speirthe na gcut /[Gabh suas agus bain bruibh agus déan rópa dlaoiníní. Annsin féadfaidh tú ceathramhnaí a chur orra. Diabhal a mbeadh basctha de dhlaoiníní na slata, dhá mbeadh fear maith stuama len a ndéanamh, ach níl goir ná gaobhar aige ar na bruibh in a dheidh sin fhéin. Tá an teacht aniar indlaoiníní an bhruibh]/

Dlaoithiú: Briathar as dlaoi. Aidiacht-bhriathar: dlaoithte, dlaoithighthe
Dlaoithiú: rud a réidhteach igcaoi agus go mbeadh sé in a dhlaoitheannaí;
An craiceann a bhaint de shlata nó d'fhideoga (fc. dlaoi)

Déan é a dhlaoithiú (nó a dhlaoitheachan) amach anois / Bhí sí ag dlaoithiú a cuid gruaige = gruaig chuileach nó gruaig a bheadh in aimhréidh; a réidhteach nó go mbeadh sí in a dlaoitheachaí / Chíor sé agus dhlaoithigh sé anuas drioball an chapaill / Dhá mbeadh suim in t'asal agad, gheobhfá do chíor agus do raca, agus dhlaoithfeá anuas muing an asail sin, nó go mbeadh sé ar nós an asail a bhíodh ag an mbeirt chailleachíní a bhí ar an mB. Á. Tá tú in do droch-cheann do'n asal! /[Ba cheart dó scóthach an chapaill siúd a bhearradh agus a dhlaoithiú amach. Is mór an slacht ar chapall "jaunt" a drioball a bheith puínteailte. Ach mo léan géar! Ní chuirfidh sé siúd tada dhá easonóir air fhéin / Tá sí ag spíonadh agus ag dlaoithiú na h-olla. Má tá féin, ní beag dhi sin. Dheamhan mórán bean tighe anois a gheobhfadh an oiread sin dhá h-anró. Sníomhfaidh sí féin ar ball í freisin. Tá an túirne aice i gcomhnaí]/ B'fhearr dhuit an ghlaicín slat sin a dhlaoithiú. Dubhairt sé siúd go dtiocfadh sé aniar ar ball le ciseoig a dhéanamh. Go leigidh Dia a shláinte dhó! Tá muid in an-chaoi cheal ciseoige. Níl fad a méire againn / Caithfidh tú a gcur síos dhá mbruith 'un tosaigh. 'Ar ndú, ní ag ceapadh atá tú go bhféadfaidh tú a ndlaoithiú mar sin fuar beithidheach (fc. dlaoiníní faoi dhlaoi) / 'Bhfuil a fhios agad

cé'n chaoi ar chaith mé an lá: ag dul ag dlaoithiú sailighe l'aghaidh ciseáin.
Tá rud beag seifte aice féin, agus dheamhan a dhath de chiseán
aice a d'iomchróchadh Gaillimh aon-tSatharn beo é. Deir siad
go bhfuil ciseáin dhá ndíol i nGaillimh, ach mo chreach mhaidne, ní
saill gan fiacha iad sin / Ar dhlaoithigh tú na slata chor ar bith?
Cé'n sórt gaotta thú féin! Pota uisce síos go beo. Seo
-gaidh! Chugad! Níl aon-bhreith ar an obair seo! Caithfidh an
chiseoig a bheith déanta indiu / Casadh isteach tigh T. Mh. mé
agus an bhfuil a fhios agad cé'n ceird a bhí air: ag dlaoitheachan
bhruibh. Má bhí féin ní raibh sé ag fágáil bun-chleite isteach ná
barr-chleite amach in a ghnaithí /[Diabhal a fhios agamsa arbh
fhuláir duit na slatachaí sin a dhlaoithiú 'un tosaigh, má's
ag dul ag deasú na cathaoireach sin atá tú. D'aclóchadh
sé go breagh iad. Is beag an mhaith dhuit an chathaoir sin a
dheasú. Tá sí críon ar fad. Níl aon-tslat ag gabhail léithe nach
bhfuil críonta / Cá bhfios domsa cé'n chaoi le fidheogaí a
dlaoithiú. Dlaoithigh thú féin cupla ceann aca idtosach go
bhfeicidh mé. D'fheannfainn bó nó caora, i bhfad uainn an
anachain, ach fidheógaí a dhlaoithiú …]/

Deirc: Ainm-fhocal: buineann; tuiseal geineamhnach uathaidh: na deirce.
Uimhir iolraidh: deirceannaí.
Deirc: ainm a thugtar amach isna cnuic mhóra ar chnuic chruinne mar
a bheadh leath-fata nó leath gealaighe ann; nó dhá mbeadh sceallóg de'n
cineál céadna ithte as taobh nó as lár an chnuic thiubharfaí air freisin é.

Ní shin é an cnoc é, chor ar bith ach an cnoc a bhfuil an deirc ann ar a
chúl / Deirc de chnoc é sin. Tá a lán aca amach annsin / Caillteár go
leor caorach 'sa deirc atá istigh i lár an chnuic sin. Níl léigheamh ar bith
ar a dteigheann ann aimsir shneachta. Bíonn siad in a gcárnáin ann /

Deirceach — aidiacht as deirc = an sceallóigín ghealaighe a bhíos ann nuair nach mbíonn
sí ach in a tús agus as sin suas go mbíonn ceathramha di ann nó ionann agus é.
Gealach dheirceach í sin; mar dhóigh dhe gur gealach ghann nó ghortach í. /

Gealach dheirceach atá ann anocht. / Níl aon-ghnotha agad a bheith i gclé na gealaighe le thú a thabhairt abhaile. Gealach dheirceach atá ann na h-oícheantaí seo /[Níl ann fós ach gealach dheirceach agus ní bheidh go bhfeicidh tú seachtain eile / Ní fhéadfadh sí a bheith ach deirceach fós. Is beag di atá ann. Teigheann sí faoi dubh-luath / Beidh tús-oíche geal, ach ná bac leis sin. Níl ann ach gealach dheirceach nó go dtigidh tuilleadh di. / Is maith deirceach í an ghealach fós. Shílfeá go mbeadh cosamar thairis sin ann di feasta / Ní bheadh aon-ghnotha againn na h-aistreáin sin a thabhairt orainn féin ar ghealach dheirceach mar atá ann na h-oícheanntaí seo. Fan nó go dtigidh lán gealaighe, agus déanfaidh muid cuairt go maidin ann. Ma gheibhim-se mé féin istigh in a chlúid, ní chorróchaidh fear agus píce aisti mé, nó go mbeidh an oíche thar druim]/ Tá gealachín bheag dheirceach ann, ach ní dhéanfadh sí aon-fhoghaint duitse ar an ócáide a bhfuil tú féin air / Mura bhfuil solas agad, ní rachaidh tú ibhfad ar an ngealaigh. Gealach an-deirceach atá ann. Bhí sí faoi an-luath aréir /

Dobrón (: dubh-bhrón?) [dubrū:n; dubrōn]. Bíonn an b lom dólámh. Ar an gcéad tsiolla is mó a bhíos an bhéim, ach teigheann sí go dtí an dara siolla ag daoine, nó bíonn sí có-rointe].
Dobrón: brón mór; buaidhreadh thar cionn; leanndubh; cumha.

Tá dobrón air indiaidh an mhic / Bhí sé sáthach dona nuair a d'imigh an bhean, ach ó bhásuigh an inghean tá sé in a dhobrón air ar fad / Is beag an dochar di dobrón agus briseadh croidhe fhéin a bheith uirre agus fear breagh de mhac imeacht uirre /['Sé an bás a d'fhága dobrón agus buaidhreadh uirre. D'eile? Dheamhan bean ní ba ghleoite ná í sin a chasfadh ort in do shiubhal lae roimhe seo / Ó a tháinic an dobrón sin uirre, níor fhan croidhe ná misneach aice. 'Sí a d'athruigh. Bhí dhá chroidhe aice sin roimhe seo.]/ "Níor chaith mé oíche ná lá ariamh i Meriocá" adeir sí "nach dobrón a bhíodh orm ó mhaidin go faoithin agus ó oíche go maidin. An méid ságh a fuair mé ariamh, is ó a tháinic mé abhaile é" /

Dobrónach: aidiacht as dobrón = an-bhuadhartha; brónach; leanndubhasach.

Tá sé dobrónach go leor nidh nach iongnadh indiaidh an chapaill. Nach uirre a bhí an smál agus a dhul isteach 'sa gclochar sin. Bhí an bascadh sin len a h-aghaidh chreidim /[Dhá bhfeictheá cho dobrónach agus a bhreathnuigh sé orm. M'anam ó'n diabhal, go raibh sé ag smutaireacht chaoineachán. Nach hé an dearg-phleoitín é! / Is maith dobrónach a chuaidh sé siar abhaile 'nuair a chonnaic sé nach raibh tada len a aghaidh féin. Tuilleadh diabhail aige anois, ná ag duine ar bith eile a chuirfeas a shúil thar a chuid mar é]/ M'anam go sílfeá nach raibh sí an-dobrónach mar sin chor ar bith th'éis go raibh a fear as cionn cláir. Ach gheobhaidh sí fear eile, arsa tusa. Tá iasc 'sa bhfarraige cho maith agus gabhadh fós / M'anam muise mara mbeadh mise le dhéanamh dobrónach ach a bhás sin, gur beag an dobrón a bheadh orm. Dheamhan ar mhiste liom dhá mbeadh a bhfuil de cheannphuirteachaí faoi'n domhain imighthe. Is beag an scéal iad sin: ag ollmhúchan scléipe agus achrainn agus diabhlaidheacht' /

Doibeart (: dubh-bheart? dub ′ ært : an b lom i gcomhnaí): ainm-fhocal fireann; geineamhnach uathaidh: an doibearta; uimhir iolraidh: doibeartannaí
Doibeart: feall, faltanas, droch-cleas; an cluiche claonach a imirt ar dhuine

Rinne sé doibeart ormsa, ach deir siad má's feall fillfear. Ní ghabhfaidh sé idtalamh choidhchin go mbainfidh mise díoltas dhe / D'imreochadh sé doib-eart orm, ach ní bhfuair sé an dóigh. Bhí mise ar m'áirdeall fhéin freisin / Nar ba lughaidire (lughaide?) an trócaire ar Dhia! Th'éis a ndearna sé fhéin do dhoibearta ar 'chuile dhuine ar tháinic sé suas leis, tá súil agam go bhfuil sé i bhFlaithis Dé anocht. Ach ní fhágann sin, nach raibh sé fabhtach agus in a dhroch-cheann do dhuine ar bith a tháinic in a linn / [Doibeart an tSasanaigh i gcomhnaí! 'Chuile lá ariamh! Ach nach h-ait atá an saoghal ag feithiú léithe in a dheidh sin. Feacha anois í agus í gnóitht -each aríst / Bí ar do shon féin air sin! Tá an feall agus an doibeart agus an chluain ann. Ach 'ar ndú' má tá féin, ghreamuigh sin dó. Ní bhain-feadh sé le Cloinn Mhac Confhaola mara mbeadh sé mar sin / D'imir sé sin doibeart ormsa, ach dhá dteigheadh leis míle bliain, beidh mé indiaidh mo shásamh air, nó go bhfaghaidh mé é. An gadaidhe!]/ Níl aon-lá ó chonnaic mise é nach ag déanamh doibeart' atá sé, agus ní léar dhomsa gur donaide sin é, hébrí céard is léar duitse!

Duibhéan: ainm-fhocal; fireann; geineamhnach uathaidh agus uimhir iolraidh: duibhéin.
Duibhéan: cailleach dhubh (éan cladaigh fc. cailleach); ach chuala mé dhá
thabhairt ar phréacháin ar an Achréidh é. Tá baile ingar do Chreach-
mhaoil: Caithrín an Duibhéin atá air. Is ann a chomhnuigh na Calláin
a mbíodh caismirteacha filidheachta aca le Rafteri. "Marcus
na smaoise as Caithrín an Duibhéin" (: Marcus Ó Calláin).

Bhí sé mar a bheadh duibhéan ar charraig = cailleach dhubh (Seán
Ó Beáin, an Cearnmór, Baile an Chláir. Bhí ciall cheart an
fhocail aige) / Chonnaic mé cuig nó sé de cheanna de na duibhéin sin an
uair faoi dheireadh a raibh mé ag an gcladach /

Dabhach (: dəu:x): ainm-fhocal, fireann agus buineann (ach tugtar "í" air ag caint air)
tuiseal geineamhnach uathaidh: béal na daibhche; bárr-daibhce (dəifʼə :
(: dəifʼī). Ach bíonn béal an dabhaigh ann scaithtí freisin; uimhir
iolraidh: dabhchannaí (; dəuxəNʲī); dabhannaí (: dəuw̆əNʲī)
Dabhach: (i) coire, tubán mór, bairille mór, soitheach ar bith a bheadh an-mhór.
Tugtar go h-áirid ar an mbairille mór é a bhíos ag lucht dhéanta
poitín. Is ann thíos a bhíos an "worm". Tá sé isan an-mhéid. Is iomdha
áit a mbíodh dabhchannaí roimhe seo .i. bairillí móra agus fonsaí orra,
ach níl mórán aca ag imeacht anois. (ii) teine a mbeadh déanamh áirid
uirre: bun agus íochtar an-leathan aice agus gan aon-aoirde mhór ná
aon-bhiorrú uirre. Teine mhór chruinn a bhíos innte. Tá caint ar dhamh-
dhabhach (testudo?) is an tsean-litridheacht. [fc. barr- barr-
daibhche]
Cá bhfuair tú an dabhach? Ní ag brath air a dhul ag déanamh poitín a
bheitheá? /[Rug siad (: na póilíos) ar dhabhach agus ar chupla pota suas annsin
an lá cheana. Ach ní bhfuair siad aon-deoir de'n bhraon / Rug siad
ar uirnis: dabhach agus cupla bairille a bhí báithte i gcolbh na locha,
ach bhí na stiléaraí scuabtha / Ní mór fear láidir le dabhach a
iompar. Ní bheadh aon-ghnatha ag M. Sh. G. faoi cheann aca, ná dheamh-
an gnatha / Cá'r fritheadh an dabhach de thubán seo, nó ce l'aghaidh a
bhfuil sé? / Dabhach mór mar sin anois a bheadh feilteach l'aghaidh
"spray" / Is áibhéil an dabhach de bhairille é]/ Tá dabhach scadán
thoir tigh J. indiu. Is fadó an lá cheana nach raibh aon-driobaillín

Damhadh réag (dawərēg) = ainm-fhocal (níl a fhios céard is inscin dó mar níl sé ach in aon-leagan amháin. In Árainn a chuala mé é).
Damhadh réag = meán-oíche na gcártaí; an oíche a bheith thar druim; domhain ins an oíche; taréis meán-oíche; indiaidh am codlata; amach ins an oíche /

Ní theigheann siad seo a chodladh go mbíonn sé an damhadh réag ins an oíche. Agus in a dheidh sin féin bíonn siad in a suidhe le mochóirighe. / Bhí sé an damhadh réag ins an oíche nuair a tháinic siad. Dheamhan a fhios agam -sa nach raibh sé in a ghairm na gcoileach /[Ní fheicfidh tú é sin isteach go mbeidh sé an damhadh réag ins an oíche. Páidín Mheán-oíche ceart é / Ná bac leis an dream atá annseo a dhul a chodladh in am. Ní theagann P. oíche ar bith go mbíonn sé an damhadh réag, S. nuair a ghlaodhas an coileach, agus M.! Ní theagann M. go mbíonn sé in a lá gheal go minic. Ach is féidir leis sin an mhaidin a chodladh, ní hé sin do'n chuid eile é]/ 'Ar ndú', bhí sé an damhadh réag ins an oíche an uair sin. Bhí an chéad-eadradh glaoidhte ag an gcoileach ar aon-nós. Nacharb' aisteach an tráth d'aonduine a theacht ar a chuairt é. Ach chreidim marach go raibh blogam caithte aige nach rachadh sé ag cur teach ar bith in a shuidhe an tráth sin / Bí ag imeacht feasta mara leat é a leigean an damhadh réag ort fhéin. Fanann sib ro-fhada ar an teallach annseo 'chuile oíche. Déanann sib clogán streille de'n oíche ach go h-áirid / Má tá rud ar bith ann, ní fhéadfá gan é a fheiceál agus an tráth a dteagann tú abhaile. Bíonn sé an damhadh réag ort 'chuile oíche ins an aer / Chuaidh mé a chodladh luath go leor, ach níor thuit aon-néal orm go raibh sé an damhadh réag ins an oíche. Uair annamh a ólaim aon-tae ag dul a chodladh dhom, ach d'ól mé aréir é, agus bhí a shliocht orm: bhain sé an codladh dhíom /[Má's lib imeacht cuirigidh crudh in a thosach, nó beidh sé an damhadh réag ins an oíche shul dhá mbeidh sib ar ais. Is buan an t-aistir as seo é go G.]/ Cé'n mhaith a bheith ag fuireacht leis. Nach bhfuil a fhios agaibh go ndéanfaidh sé sin an cleas a ghníos sé i gcomhnaí: gan a theacht nó go mbeidh sé an damhadh réag. Ní fhaca muide istigh roimhe ariamh é /

Dúidín, dúda: ainm-fhocal; fireann; iolraidh — dúidíní, dúdaí
Dúidín, dúda = píopa beag; píopa a mbeadh an chos caithte ann; píopa a mbeadh cuma bhrocach air de bharr deataighe nó súighe, nó a bheadh dóighte taobh amuigh.

Cá bhfuair tú an dúidín? … Breagh nachar iarr tú ceann de na píopaí maide air. Tá siad aige go fairsing / An bhfuil aon-ghráinne ins an dúidín a Sh. Tá

mé fhéin spurtha nó go dteagaidh sí seo ó'n siopa / Dearg suas an sean-dúda.
Tá mo theanga bheag amuigh cheal gail. / Bhris mé an dúda cailce indiu.
Thuit sé as mo bhéal agus rinneadh steig-meig ar an urlár dhe. Sin é an chaoi
a bhfuil mise anois, ó a chaill mé na fiacla. Saothróchaidh mé an saoghal
cheal gail, agus gan aon-phíopa le fáil mara dtugaidh tú nóta puint
ar cheann /['Bhfaca tú an píopa atá aige. Siúd é "an dúidín gránna"
ar chaoi ar bith. Shílfeá gur i gcárnán súighe a bhí sé le seacht
mbliana, tá sé cho salach brocach sin]/ Ar eirigh tú as an sean-dúda ar
fad, nó an ag troisceadh ar feadh an charghais atá tú … Faraor nach bhféad-
aimse é sin a dhéanamh. Is mé a bheadh sásta dhá bhféadainn déanamh d'fhuir-
easbhaidh an tobac /[Seo dhuit do shean-dúda brocach. Is iongantas nach
gcailleann sé thú le súghlach. Buail amuigh faoi'n gclaidhe é nó is gearr a
bhéas tú beo aige]/ Ní chasfaí sean-dúda ar bith agad! Tá an tír tóruighthe
agam agus gan tada dhá bharr agam. Tá cion ar na dúidíní féin anois, nuair
nach bhfuil a malrait ann. Céad slán do'n uair a bhí siad ar scilling! /

Dearcadh = Ainm-bhriathar, Ainm-fhocal.
Dearcadh = breathnú go grinn; na súile a chuir thrídh … ; féachaint go géar; amharc
tollta a thabhairt [Tá sé coitianta ach is "staring" a bhíos i gceist níos mó ná
looking. Bíonn sé aistrightheach agus Neamh-aistrigheach. Dhearc sé mé = he
looked (stared) me up and down. Dhearc sé orm = he looked at me intently /
Tá níos mó ná "he looked at me" i gceist, ach is ar éigin má tá sé cho
cinnte le "he stared at me". He looked at me interestingly", nó "he looked
at me purposely", "He examined me closely with his eyes". Ach tabhair faoi
deara freisin: "Dhearc sé orm" — níl sé i gceist ann gur bhreathnuigh sé ins
gach uile áit ort, ach ar giodán áirid .i. t'éadan go h-iondamhail]

Dhearc sé mé. Shíl mé go gcuirfeadh sé na súile thríom. Fhobair mé fiafruighe
dhó (: dhe) an raibh dhá chloigeann orm nó eile, leis an gcaoi a raibh sé do
mo dhearcadh. / Dhá bhfeictheá an chaoi a raibh sé de do dhearcadh nuair a thug
tú do dhruim dó. Thiubharfá dearcadh air /[Chaith sé chúig nóiméad ag dearcadh idir an
dá shúil orm 'nuair adubhairt mé an méidsin leis. Déarfá gur faitíos a bhí air
mé a chreisteamaint. Thosuigh sé ag cur dathannaí dó (dhe) fhéin annsin]/ Bhí sé
beo-phianta ceart, arae chaith sé an oíche ag dearcadh ar an gclog, ach bhí leisce air
corruighe in a dheidh sin. [Gheobhaidh sé túirne Mháire ó'n mbean faoi fhanacht amuigh

an fhad seo ins an oíche]/ Ha, tá tú ag ceapadh nachar fhéad sé thú a dhearcadh. Mo léan géar thú! Ní fhaca tú go raibh scáthan ar a chúl agus ar a aghaidh. Níor bhain sé a shúil de'n scáthan ó a chuaidh tú isteach nó go dtáinic tú amach aríst. Is olc an rud a bheith cho simplí sin /[Is aige a bhí an dearcadh ar do hata nuadh. Is beag nach sílfeá gur ag brath ar a iarraidh ort a bhí sé /[Ní theagann iadhamh air ach na súile beaga friochanta siúd i gcomhnaí ag dearcadh ar 'chuile rud]: i gcomhnaí i gcomhnaí]/ Is tollta an dearcadh atá aige. Ach má's eadh fhéin, níl sé meabhrach chor ar bith. Sílim nach bhfuil ann ach bealach atá leis / Tá dearcadh sáthach mí-chéadtach aige nuair a thogruigheas sé é. [Ach níl aon-ghangaide ins an duine bocht in a dheidh sin.] Diabhal gangaide ná cuid de ghangaide! / Ag dearcadh ar shlabhra do watch atá sé (: páiste). Níl aon-ghoir agad é sin a fháil anois! Óra, fear buile gan bríste! / Ba bheag a bhéarfadh ormsa a chur ó dhearcadh orm marach go raibh leisce orm faoi'n a raibh istigh. [Ní raibh agad ach sin a dhéanamh leis: do mhéarachaí a ghlasáil mar sin, mar dhóigh dhe gur coinín a bheadh ann, agus bheadh sé ingealta ar an bpuinte.] Ní thaithnigheann leis an dream sin coiníní a shamhlú leo, beag ná mór /[Níl le déanamh agad ach tosuighe dhá dhearcadh agus beidh sé in a choileaichín ar an toirt. D'ionnsóchadh sé thú gan tsiocair ar bith faoi'n domhan, ach an méid sin /[Má áitigheann tú ag dearcadh uirre, is gearr go ndeargaidh sí suas go dtí bun a dhá cluas, agus tosóchaidh sí ag sníomh ins an gcathaoir.] Níl goir ag aonduine tosuighe ag breathnú uirre nach mbíonn sí mar sin]/[Bhí sé ag dearcadh idir an dá shúil orm ag ceapadh go dtairgfinn deoch dhó, ach dhá dtuiteadh déidín aige dhá fhuireas-bhaidh, dheamhan deoir de mo chuid-se a gheobhadh sé len ól]/ Leigfidh tú de do chuid dearcadh ar an drisiúr nó cuirfidh mise ó dhearcadh thú. Nach bhfuil a fhios agad dhá mbeadh sé ann go bhfuightheá é, agus gurb shin é a bhfuil faoi. Cá bhfuigheadh muid tae agus an saoghal atá ann / Is géar an dearcadh atá aice. Tiubh-arfaidh sí léithe uiliog thú d'aon-amharc amháin. 'Sí atá deas air. / Aithneochaidh tú aríst mé ar chaoi ar bith leis an dearcadh atá agad orm! Ní taisí mé ná eile! Nó ar ghoid mé aon-cheo uait? /[Ní thaithnigheann a dhearcadh chor ar bith liom. Sílim go bhfuil muid braithte aige. [Ar éigin a bheannuigh sé féin, té (: cé) go mbíonn sé an-fháilidhe go h-iondamhail.] [S. B. go siúráilte nachar choinnigh a raibh a fhios aige in a bholg!]]/[Tá an-dearcadh isteach thar claidhe ag an mbideach seo, mar adeir fear Árann. Má fhaghann sí blas na h-áite sin do cheann-finne ní choinneochaidh as í. Tá an-fhéar anois ann]/ Bhí sí dhá dearcadh ar feadh an Aifrinn. Shílfeá go mba mhór léithe di a seál nuadh /

Dream (: d ʼ r ʼ æm; d ʼ r ʼ am; d ʼ r ʼ ām): ainm-fhocal, fireann; geineamhnach

uathaidh: an dreama [ach is rí-annamh a theagas claochlódh tuisil air]

uimhir iolraidh: na dreamannaí.

dream = muintir, daoine, gaolta, riar, cólucht, plód, scata, scuaine agus rl.

[Focal rí-choitianta igcaint é agus chiallóchadh sé uimhir ar bith ó bheirt go dtí cupla milliún duine nó tuilleadh. Is iomdha leagan air i gcaint]

Dream malluighthe iad = they are a damnable (exeorable) lot / Dream túatach iad (dream olc, fíádháin, beag-mhaitheasach, láidir, dona, gan aon-rath, gan aon-bhiseach, gan aon-dul 'un cinn, gan aon-chaoi, saibhir, triollúsach, gaisceamhail, postamhail, ealadhanta, ciotach agus rl.) / Tá an dream siar fíádháin agus an dream soir mín. Ar chuala tú ariamh é: leig thart an fear aniar, agus ní baoghal duit an fear anoir = na daoine atá ar an taobh thiar / Béarla uiliog atá ag an dream suas (: na daoine ó thuaidh) anois / An bhfaca tú an dream seo síos anocht / Tá an dream sin isteach (: faoi na h-oileáin) roint francuighthe / Tá caint fhada bhog mar sin ag dream an tsléibhe (: lucht) / Fan ó dhream Mh. C. (: ainm áite) / Chonnaic mise dream U. Á. (: ainm áite) ag bualadh báire annsin thiar, agus má chonnaic féin, ba dona iad /['Séard a dhéanfadh dream an Achréidh le na fataí sin anois a dtabhairt do mhuca / Bhíodh dream an bhaile mhóir amuigh ar an tráigh sin 'chuile phuinte nó go ndeachaidh laghdú ar na busannaí / An raibh dream na C. R. ag an damhsa? / Fan amach ó dhream na mbád má tá do leas ar Dhia. Chuirfidís sin i bhfarraige ar an toirt thú má tá aon-fhaltanas aca dhuit / An dtáinic dream na curaighe fós? (daoine a bhí igcuraigh) / Cheal nach bhfuil dream an fhraoigh ar fáil fós? / An bhfaca tú dream an chladaigh. / Is mó de'n dream siar-amach a bhí ann ná de dhaoine aitheantais / Deir siad go bhfuil an dream síos amach — dream Chúig Uladh — ag cur a gcosa uatha aríst / Cuireann an dream suas gaineamh gorm ar an talamh igcomhnaí / Cá'r fhága tú dream an phortaigh? = na daoine a bhí ar an bportach]/ Bhí dream sagairt ar lóistín ag S. N. anuiridh = roint sagart; beirt nó triúr; ceathar nó cúigear etc. / Tá dream máistirí scoile annseo agus ní fiú do sheacht mallacht iad / Chonnaic mé dream daoine uaisle ag dul ag iascach ar an abhainn indiu / Bhí dream saighdiúir ann agus iad in a léine, in a maoil agus in a mbonnaidheachaí ag greadadh a

chéile / Bhí dream mór póilíos ag an gcúirt indiu / Cá ndeachaidh an dream tincéaraí a bhí campáilte thoir annsin thoir? / Tá dream gliom-adóirí thíos ar an gcéibh anois / Is fadó an lá nach raibh aon-dream maith báireóirí annseo / Tháinic dream ceannachóirí anoir an t-aonach agus cheannuigh siad cupla gamhainín — cupla luipreachán — agus soir leo aríst, agus níor facthas anoir níos mó iad / Tá dream mór cloinne aige / Bhí dream mór mac aige / Ní theigheann an sean-dream ag na teinteachaí cnámha chor ar bith anois = na sean-daoine / Is deacair an dream óg (: aos óg) a bharraidheacht /[Níl dream óg ar bith anois ar an mbaile seo / Tá an sean-dream uiliog anois ar shlí na fírinne / D'imigh an dream ar foghnamh, a dhearbhráthair mo chroidhe, agus níl ann anois ach an bhroththuinn / Dream gan tuiscint iad 'mo choinsias]/ Céard a bheadh dream beag caillte mar sin acmhuinneach ar a dhéanamh / Dream caillte uiliog atá annseo anois. Ná samh-luigh ceol ná damhsa leo / Tá dream Aifrinn ag teacht anoir = daoine (nó cuid de na daoine) a bhí ag an Aifreann / Tá sé ar na puintí ag dream cladaigh a bheith isteach = dream a bheadh ag feamnadh, nó san tráigh /[Tá dream Gaillimhe ag teacht anoir = daoine a bhí inGaillimh mar a bheidís ann lá margaidh nó mar sin / Cé'n dream a bhfuil tusa ag vótáil dóib? = dream poilitiachta. / Mara chéile 'chuile dhream go tóin aca. Geallfaidh siad an ghrian agus an ghealach duit nó go dteighidh siad isteach / Daidhean (: deamh-an) mé go bhfuil siad cho maith le dream ar bith eile le bhóta a thabhairt dóibh]/ B'olc an dream a chuaidh dhá fhágáil annsin agus fios aca go raibh sé ar meisce = na daoine / Tá dream olc de chlann aige / Droch-dhream iad a dhearbhráthracha / An-dream go deo iad sin / Ná bac leis an dream sin. Fíor-dhream malluigh-the iad / Fagh dream le dhul in éindigh leat san gcurach / Chaith sé cuid de'n dream a tháinic ann amach / Ní iarrfá dream is deise ná iad / Airighim dream eicínt ag teacht. / Chuaidh dream aca soir agus dream siar. /[Níl sé sin sásta dream ar bith a leigean isteach / Bhí dream as M. ar cuairt againn indiu / Ar imigh dream R. uaibh fós? / Chuaidh dream de mhuintir an tighe seo 'un farraige agus dream eile ag fiadhach an tsionnaigh / Ní fhaca tú an dream seo (: aos óg an tighe seo; muintir an tighe seo) in áit ar bith?]/ Is mór an t-iongnadh

gur leig an dream seo an deireannas orra féin muis / Dream sách aisteach iad na sagairt inDomhnach! Ar chuala tú céard adubhairt an sotach leis an máthair: bíonn a sompla agus a dteagasc seacht n-acra ó'n a chéile. Déan mar adéarfas siad, ach ná déan mar a dhéanfas siad /[Dream leitheadach iad na máistirí scoile. Diabhal aithne orra nach ar a dtóin a eirigheas an ghrian / Tá dream de na mná rialta ag an gcladach anois / Tá dream faoi (: ag obair) / Nach oraibh atá an smál thar dhream ar bith! Nach maith gur sibse a chaithfeas a bheith síos le 'chuile shórt! / Dream gan náire iad agus a dhul ag déanamh a leithide de chleas / Sé an chaoi a bhfuil an teach seo dream ag teacht agus dream ag imeacht ann igcomhnaí / Is dona é fhéin agus a dhreám = a mhuintir; a ghaolta]/ Níl aon-dream daoine san tír is measa ná a mbaineann leis sin / Nar chuiridh Dia an t-ádh air fhéin agus ar a dhreám! Ní fhaca mise aon-cheo ariamh aca, ach ag scríobadh leis an ngánntann ar nós 'chuile dhuine / Is furasta aithinte as a dhreám é: luisneachán mór fada agus gan bioreanga air / Lean an eitinn dhá dream sin / Tá an tinneas mór — beannacht le h-anam Phóil! — in a dhreám sin fré céile /[Níl aon-dreám daoine ar foth ná ar féar is measa ná iad sin Tá an braoinín salach ionnta fré chéile / Ba suarach í féin agus a dreám, ní dhá roínt léithe é, ach dhá fhágáil aice / Daoine fiuntacha a bhí is 'chuile dhuine dhá dhream, agus ba deacair dhó féin a bheith ar a mhalrait mara dteigheadh sé in aghaidh dúchais]/

Dúd: Ainm-fhocal; fireann; geineamhnach uathaidh: an dúid. uimhir iolraidh = dúdaí = (i) duine a bheadh sách cliste, agus gan mórán dhá chosamhlacht air; amadán iarainn; súmaí. (ii) clab, béal, cáir, straois, drad. [dúd ciall a (i) = dud(?)]
Sin é fhéin an dúd! Shílfeá nach mbeadh sé ag éisteacht chor ar bith leat, ach is beag a imeochas ingan fhios dó sin deirimse leat / Níl néal ar bith ar an dúd sin. Nach cóir a bhrath sé go bhfuigheadh sé garbh é dhá dteigheadh sé isteach! / Dúd é ceart. Shílfeá le breathnú air, nach bhfuil ann ach pleib, ach sin é an áit a mbeitheá ag dul amú. Tá sé sách meabhrach in a bhealach fhéin. Níl gus ar bith ann déarfá, ach is

ann atá an gus mo léan! Féach leis é go bhfeicidh tú. Dúd ceart é! /[Shílfeá nach mbeadh sé indon aon-cheo dhár dhealbh an ghrian a thógáil, ach dar fiadh ní raibh neach an aoin ag dul go dtí an áit sin thoir a chinnfeadh air ag tógáil rud ar bith. Dubhairt an máistir fhéin sin. Dúd é a dhearbhráthair ó. Dúd! / Is diabhlaí atá sí féin agus a cosamhlacht in aghaidh a chéile. Ní cheapfadh duine go deó dhi go bhfuil focal foghluim' in a pluic, ach is dúd í in a dheidh sin. Tá neart scoláireacht' uirre]/ D'fheicfeá ag imeacht in a leath-phleóta mar sin é, ach níor mhaith dhuit caismirt a chur air in a dheidh sin. Chabálfadh sé thú ar an bpuinte. Deirimse leat go bhfuil meabhair mhór ann. Dúd é th'éis nach gceapfá sin / Dhá gcasadh sean-dúd aniar as tóin thiar Chonamara ort a mbeadh giúirinneachaí air, 'sé a thiubharfadh 'chuile údar duit faoi sin. Maidir linne, níl muid taithighthe ar an bhfarraige chor ar bith /[Sean-dúd d'fhear é a bhfuil údair mhóra aige, th'éis an streilleachas a d'fheicfeá air. Ach ní mar shíltear a bhítear, arsa tusa]/ Bhí sé seo thíos líomhtha a dhul ag cur an fhás fuinseoige in a dhúd, faoi nach dtóig-feadh sé an beitheach. Diabhal ceo de'n cheart nach mbeadh aige leis freisin. Breagh ar shaluigh sé í, mara raibh rún aige a coinneál [dúd = béal, clab] / Ní fhágfaidh tú seo go gcuirfidh mé an tlú siar in do dhúd shalach. Níor tháinic iabh ort igcaitheamh na h-oíche annsin ach ag saghdadh na ngasúir sin, agus ag cothú achrainn / Tiubharfaidh mé isteach ar an dúd duit é, mara leigidh tú de do chuid gráiscínteacht' a stramhacháin bhradaigh / 'Séard atá agad a dhéanamh leis an cantín sin in do láimh a chur in a dhúd. B'fhéidir go ndeúnfeadh sin é / Scread mhaidne ar do dhúd mór mara tú atá goineach. Is gearr ó cheana ó a fuair tú rud le n-ithe. D'íosfá an bhálóid, d'íosfá sin /[Caith rud eicínt in a dhúd sin a dhúinfeas é, agus ná bíodh na daoine reicthe aige ag sclamhaireacht níos fuide. Diabhal aithne air ar ith sé aon-ghreim le seachtain. Dhá mbeadh aonduine istigh náireochadh sé muid críochnuighthe]/

Dúdóg: Ainm-fhocal, buineann; geineamhnach uathaidh: na dúdóige.
uimhir iolraidh: dúdógaí. = buille a bhuailfeá le taobh na méarachaí de do dhorna ar an gceann ar dhuine; buille; iarraidh; fadhb; cnap.

Tabhair dúdóg dhó. / Bhuail sé dúdóg de chúl-bhadar orm mar sin isteach ar an gcluais agus deirimse leat gurb é a chuir an glugar innte / Má thugaim dúdóg duit, cuirfidh mé luighe fiaidh ort. Ní bheidh sé tada níos saoire agad / Bhuail sé cupla dúdóg ar an sramacháinín is mac sin ag C. Mh., agus 'ar ndú' ba ghearr le dhul air é / Tharraing sé dúdóg orm, ach níor fhan mise féin léithe. Is fhearr rith maith ná droch-sheasamh / Nach hé atá cóir faoina chuid dúdógaí. Dhá leathnuighthí cupla snaidhm maith d'fhás fuinseoige ar chnáimh an ghéill aige, b'fhéidir dhó leigean faoi. Sin é an rud a shuaímneochadh é mo choinsias /

dúdaireacht (dūdərəxd : béim ar an gcéad siolla) = ainm-bhriathar Dúdaireacht: focal aithrise ar na Muimhnigh (muintir Chondae an Chláir). Deir muintir Chois Fhairrge gurb shin é adeir na Muimhnigh nuair a bheadh pota ag fiuchadh ar an teine, nó "kettle" ag giúnaighil nó a leithide. "Tá na prátaí ag dúd-aireacht". "Tá an corcán ag dúdaireacht." Tá tuilleadh de'n chaint aithrise seo ann, ach níor chuala mé ariamh ag aon-Mhuimhneach í, cé's moite de'n fhocal "corcán" agus tá an focal sin i nGaillimh féin.

Dúda: Is an leagan "filleadh dúda" amháin [: chuala mé file dúda freisin — l amháin (: fil ʼ ə). Ach measaim gur filleadh is cirte. fc. an nóta thíos] (fc. dúda, dúidín)
Chuaidh an lorry síos go filleadh dúda is an muc shneachta = síos an-fhada. Is an gcás áirid atá igceist, bhí na rothaí folctha. Má tá áit áirid ann nó ball áirid a dtugtar filleadh dúda air, ní feasach mise é [Tá feile = "a small piece of flannel at the end of the roll" i bhFoclóir an Duinnínigh. Thiocfadh dhó freisin gurb é an focal sin é, arae dhéanfadh feile file de réir urlabhraidheacht Chonamara] / "Sin rud nach raibh aice muis, clann mhaith", adeir sé, agus bháith sé an píce go filleadh dúda san bportach. Bhuail scáth mé féin, agus dar fiadh níor sheaduigh mé an scéal níos fuide = go congar an iarainn agus na coise 'san gcás seo / Tá an bruach siúd in a bhog-eibhinn anois. Chuir mé

bord na gcléibh ar an asal ann indiu, ach mo léan deacrach chuaidh sé dhá bháthadh go filleadh dúda ann ar an bpuinte boise. B'fhearr do dhuine gan a bheith dhá mheath fhéin ag déanamh ciseannaí ann, ach a dhul ag tarraint len a dhruim. Ba é ba shamhaoinighe dhó as a dheireadh ar chaoi ar bith /[Ná teirigh amach san scrath-ghlugair sin nó is gearr go mbeidh tú thíos go filleadh dúda innte. Ní mheasaim go bhfuil sí sin ineolta / Is contabhairteach an áit é sin. Tá gaineamh ann agus ghabhfá síos go file dúda ann, mara mbeitheá san áirdeall ort fhéin thar cíonn, agus fanacht ar an gcruatan. Is beag an ghnatha a bheadh ag an mbulóig mhóir sin thíos ag an mB. ann. Choinneochaí ann é. Siúd ní fhágfadh sé nó go mbeireadh an sruth tuile air]/ Is maith a chuaidh muid as nach raibh muid ar fad sáithte aige. Rug sé ar an scian agus chuir sé go file dúda 'san mbord í. Tharraing sé arís í agus chuir sé go file dúda igclár an drisiúir í. Bhí mo chroidhe in mo bhéal. Shíl mé gurb é an chéad rud eile a dhéanfadh sé a cur go feirc ionam féin, mar ba mé ba ghoire dhó / Chuir sé an adhairc thríd go filleadh dúda / Nach ámhuilleach anois a bhíos cuid de na daoine. Ní shásóchadh tada an té a casadh annseo nó gur chuir sé feac na sluaiste go filleadh dúda 'san talamh. Tá an scéal go maith marar bhris sé uiliog é, arae tá an talamh sin an-chruadh, agus chaithfeadh sé go raibh cloch aige in a éadan. Dhiomdha Dé agus Mhuire dhó ar chaoi ar bith! /

dúid: ainm-fhocal, buineann; geineamhnach uathaidh: na dúide.
Dúid: íochtar an chinn thar timpeall, i gcongar an chinn agus an mhuiníl; congar méire agus láimhe; congar coise agus cabhlach; congar driobaill agus cabhlach agus rl.

Bhain siad an ceann amach ón dúid dhó = dhícheann siad é / Siúd í an cailín nach bhfuil an col aice le fuil. Chonnaic mé ag breith ar thrí choileachín indiaidh a chéile í thíos ag an teach faoi Fhéil' Mártan agus ag scóth an chloiginn amach ó'n dúid díobh. Diabhal mé mara mb'éigin dom fhéin an tsráid a thabhairt orm fhéin. Chuir an fhuil carghas orm /[Tá brocaire beag aige agus an drioball bainte amach ó'n dúid dó. Deir siad nach ngoillfeadh sé a dhath orra, dá mbaintí díobh in am é / 'Séard atá agad a dhéanamh an tsáil a ghearradh ó'n dúid amach. Ní

gabhfaidh aon-chaoi rathamhail go deo mar sin uirre. Diabhal a bhféadfá /
"Codladh, codladh púicín; siúd é an sionnach ag teacht faoi'n doras
agus gearrfaidh sé (bainfidh) sé an ceann ó'n dúid dhíot"] [deirtear
le cearca é nuair a bheidís ag grágghail nó corr-mhéineamhail ar
an bhfarra 'san oíche] [fc. codladh púicín] / B'éigin dóib an chois
a bhaint dó … tá. Bainte amach ó'n dúid dó. Níl a dhath dhi
air / Chaill sé an láimh ó'n dúid ag Dun Kirk. Bhí sé ar bhord na
luinge ag dul go Sasana nuair a bhuail an "bomb" an luing agus d'eirigh
fleasc eicínt dó leis. B'éigin a baint dó ar aon-nós / Thug drad
an "engine" an láimh glan ó'n dúid dó. 'Sí atá deas air a mhic ó.
Níorbh ait liom plé ar bith a bheith agam le na "h-engines" céanna.
Dhá mbeadh an saol ag caint, tá an buille feille ionta. Ní fhaca
mé aon-lá de'n rath ar an saol ó d'eirigh na daoine as é (: arbhar)
a bhualadh ar an gcloich. Tá cogadh agus báisteach agus easba tae ann
'chuile lá ó shoin /[Urchar gunna mhóir a theanguigh leis agus sciob
an dhá chois ó'n dúid dó. Scrúdfadh sé thú anois a bheith ag breath-
nú air, agus gan goir aige corruighe amach as an gciseáinín
siúd / Ná fág cleite amach ó'n dúid uirre nach mbearrfaidh tú.
Bíonn sí 'chuile lá ag cartadh istigh i bhfataí T. Mh. agus is gearr go
spréacfaidh sé nuair a fheicfeas sé an míllteanas]/ Bhain mótar
an ceann ó bhun na dúide de lacha liom an lá deireannach.
D'fhuagair mé cúitiú air, ach dheamhan lá áird a thug sé orm.
"Is fairsing atá an tír agad, agus gan a leigean ar an mbóthar"
adeir sé /[Bhain an t-urchar an ordóig ó bhun na dúide dhó.
Caitheann sé scríobhadh leis an gciotóig anois, ach tá sé sách
gasta léithe dar fiadh, níos gasta ná atá mise leis an
deasóig ar chaoi ar bith! / Ba diabhaltaí an
"t-aicsion" a rinne sé sin, agus ba ghránna: an chluais a scioch-
adh ó bhun na dúide d'fhear eile le corrán. Dhá mba mise a
bheadh in áit an bhreitheamh ar chaoi ar bith, bhealóchainn an chnáib
dó! / Thuit an ionga dhíom amach ó bhun na dúide, agus m'anam gur
saothruigh mé aice é ar feadh seachtain nó coicís le pian
innte]/ Tá an crann fuinseoige a bhí annsiúd ag béal an dorais
aige bainte aníos ó bun na dúide aige. Níl a fhios agam fhéin
a bhfuair sé a chead ona póilíos nó nach bhfuair, ach mara bhfuair
is gearr go mbeidh a fhios é /

Duine = ainm-fhocal, fireann, uimhir iolraidh: daoine, daoiní.
Duine: gein bheo a bhfuil anam ann; gein de'n ádhamhchloinn. [Person
é mórán i mBéarla. I ráidhtí coitcheann, is é is mó adeirtear in
ait "fear", "bean". Is an áit a mbeadh "Man" i mBéarla, "L'homme" is
an bhFraincís, "duine" a bhéas in Gaedhilge. Man is the least
permanant of all things: "is beag an rud is buaine ná an
duine". "Mac an duine": "the Son of Man".] [fc. an- (anduine)
, leath- (leath-duine), dia (duine le Dia), bocht (duine bocht) sean- (sean-duine),
maith (daoine maithe), etc].

Duine, beirt, triúr agus rl. = comhaireamh daoine, "duine" igcomhnaí i
gcás de'n tsórt seo / Níl ann ach duine = duine amháin, aon-duine amháin /
An duine nó beirt a bhí ann / Cá'r fhága tú an duine eile? = ná fág
as margadh é /[Cé mhéad duine agaibh ann? / Dhá mbeadh fiche duine ann,
is é an cás céadna é / Má bhí duine ann, bhí céad duine ann / Chúig
dhuine dhéag a bhí ann / Deich nduine fhichead nachar mhór duit / Is
iomdha duine aca sin ann / Cé mhéad duine cloinne uirre (aice)? / Níl
orra ach aon-duine amháin cloinne / Tá sé taobh le duine cloinne:
aon in aon-tsúil / Is iomdha duine muirín anois air, go leigidh
Dia slán na daoine! / Cé mhéad duine muirín ort? Chúig leathchoróin
mar sin. Buachaill! / Is furasta do'n té nach bhfuil air ach duine amháin
muirín a bheith ag caint / Is fhearr duine i bpoll ná triúr ar
bord = sean-fhocal (fc. poll)]/ Chuir sí duine aca = fuair duine dhá
muirín bás / Duine oraibh agus gan duine ar bith dhaoib! = rud
adeirtear le ceann tighe a mbíonn páiste tharéis a shaoghluighthe
dó / Buachaill a mh'anam! Duine oraibh agus gan duine ar bith
dhaoib! /[Is mór na saothruidhthe sib. Duine oraibh agus gan duine ar
bith daoib / Chuala mé go raibh ceann óg ann. Go n-eirighidh sin
leo. Duine orra agus gan duine ar bith dhaob (: dhíob) / Tá a fhios ag
'chuile dhuine é sin / Tháinic duine eicínt ann trathnóna / Dubhairt
duine eicínt liom go raibh rún agad imeacht / Is aisteach (mór, beag,
trom, gránna, olc, téagarach, pislíneach agus rl.) an duine é = duine
aisteach agus rl. é / Nach cantalach an duine thú!]/ Is achrannach an
duine é / Níl aon-duine isan tír is bréagaighe ná í / Is beag-

-náireach an duine í. / Is gearrabalach an duine / Ní h-olc
an duine chor ar bith é, má leigtear dó fhéineacht /[Is glic an duine
é 'chuile dhuine aca sin / Tá duine uainn fós = teastóchaidh duine
eile le h-aghaidh déanamh na ngnaithí (: obair, cleas, cluiche agus rl.) /
Ní raibh uaim an uair sin, ach an duine — S. — ach ba mheasa é
sin a fháil ná deichneabhar / Chuaidh siad amach ó dhuine go duine =
indiaidh a chéile; bhí an áit ro-chumhang ag beirt a dhul amach bun
ar aon; nó d'imigh duine anois, agus duine faoi cheann tamaill agus rl. /
Cuir thart na tuitíní sin ó dhuine go duine / Chuaidh sé thart leis
an tobac ó dhuine go duine, nó gur líon 'chuile fhear a phíopa as /
Theigheann an páipéar nuaidheacht mar sin ó dhuine go duine
ar an mbaile, agus ní cheannuigheann siad ach an ceann ar a
"dturn"]/ D'fhéach siad leis ó dhuine go duine, ach dar fiadh chinn sé
ar 'chuile dhuine amháin aca / Nuair a chuala siad an méid sin, amach
leo ó dhuine go duine / Bhuailfeadh sé iad ó dhuine go duine, ach
an uair a chuaidh feidheall aca air, bhí sé fánach aige / Thairg
sé a dtroid ó dhuine go duine / Déarfaidh an máistir linn a
rádh ó dhuine go duine, agus mara bhfuil sé againn, buailfidh sé
muid /[Brisfidhear anois iad ó dhuine go duine / Pósfaidh a
bhfuil isan teach aca anois ó dhuine go duine / Tá sé mar a theigheas
an mhéanúch ó dhuine go duine (fc. méanúch) / Caithfidh sé "summons" a
thabhairt daoib ó dhuine go duine. Ní dhéanfadh aon-"summons" amháin
uiliog sib]// Chuaidh siad soir an bóthar ina nduine agus in a nduine = single
file / Abair leo in a nduine agus in a nduine é. Ná h-innis dóib uilig in éin-
digh é / Déanfaidh siad mar sin ina nduine agus in a nduine / Teigidh
liom duine ar an duine, má's fir sib = man for man / Is maith an
rud dom duine orm, agus gan triúr a chur orm = ag troid /[Ní ghabhfaidh
air ach an duine. Déanaigidh a rogha rud anois / Shíl an triúr a dhul
air, ach ní leigfeadh an dream eile air, ach an duine]// 'Sé Seán é —
an duine céadna a mhic ó = 'sé Seán atá ann. Ní duine ar bith
eile / Is mé! An duine céadna! Cé'n ghnatha atá agad díom? / Is beag
é cuid an duine dhi, nuair a bhéas sí rointe = is beag a shroichfeas do
gach uile dhuine / Ní mórán é cuid an duine de'n teirgéis sin, má
tá indán agus go ngabhfaidh sib ar a roint / Is beag é díol duine de'n

cheaille sin, th'éis a mbíonn de dhúil ann / Tá dóthain duine agad /
Tá méid duine 'sa moncaí / Tá aois duine aige anois, agus níl ann
ach nuitín beag fós = adult's age / Níl rud ar bith is fuide a bhíos
ag teacht adeir siad ná ciall an duine / Níl ciall duine aige
siúd chor ar bith = tá díth na céille air / Níl neart duine ann
chor ar bith = níl sé cho láidir agus ba cheart do dhuine a bheith /
Breathnuigh air! Nach bhfuil meabhair duine agad len a thuiscint
cho maith le 'chuile dhuine eile /[Shílfeá nach caint duine atá aige
chor ar bith ach caint lachan / Duine as an gcéad a dhéanfadh a
leithide de rud. Seadh nó duine as an míle dhá n-abhruighinn é]/
Duine sé nó seachráin adéarfadh rud de'n tsórt sin / Duine
as an dioscán a bhfuil ceann aca sin aige (fc. dioscán) / Duine
i bhfad ó chéile a labhruigheann sé chor ar bith leis / Duine suarach
(santach, achrannach, taghdach agus rl.) é / Is duine ar bheagán
contanáis é / Duine ar chuid maith cainte é /[Duine ar bheagán
clabaireacht' é sin]/ Duine gan mhaith gan mhaoin é / Duine gan
chroidhe é / Duine gan tuiscint é / Duine gan chuibheas ar bith é, agus rl. / Is
iomdha galra atá indán do'n duine / Aithnigheann an donacht a dhuine féin (fc.
donacht) / Amhalóir de dhuine é (diabhal de dhuine, sclamhaire de dhuine,
scaibhtéara de dhuine, antlachán de dhuine agus rl.) / Tá sí gan duine gan
deoraidhe (duine ná deoraidhe) anois = fc. deoraidhe. / Tá sí gan duine ná
daonna (nó daonnaidhe) in éinfheacht léithe anois / Ní raibh duine ná
daonnaidhe ann. Dheamhan é /[An a dhul siar annsiúd in áit nach
bhfuil duine ná daonnaidhe a dhéanfá? / Fan istigh. 'Ar ndú' ní bhfuighidh
tú duine ná daonnaidhe romhat annsin anois / Diabhal duine ná daonn-
aidhe aige anois, ach é in a chadhan aonraic annsiúd]/ Ní raibh aon-duine
beo ann = ní raibh duine beo ná baistighe ann / Ní raibh duine ó Fhlaithis
Dé ann / Ní raibh an duine féin ann = oiread agus duine ní raibh
ann = oiread agus an duine féin ní raibh ann / Nach diabhlaí an
smál atá ortsa thar dhuine ar bith eile /[Is duine é sin a bhainfidhear
as a chleachta gan mórán achair / Duine thuas agus duine thíos: sin é cúrsaí
an tsaoghail a mhic ó!]/ Duine díreach (cam, borb,
oibliogáideach agus rl.) é / Tá 'chuile dhuine amháin aca ar an gcaoi sin /
Sin é adeir duine, ach déarfaidh duine eile annsin leat nach shin é

an scéal é cor ar bith. 'Ar ndú' tá chuile scéal go maith nó go dteagaidh an dá scéal / Bheadh duine ag dul thart go deo agus ní chuirfeadh sé aon-chaidéis uirre, ach tiocfaidh duine eile annsin agus crochfaidh sé leis í / Má bhíonn fabht ar dhuine caithfidh sé fuilint leis. Sin é beith an duine / 'Sé do dhuine féin é = tá gaol agad leis, nó is duine é a chuideochas leat /[Is gránna an rud do dhuine ar bith a bheith mar sin len a dhuine féin / Níl fear ar bith is measa dhuit ná do dhuine féin]/ 'Sé do dhuine fhéin 'chuile dhuine nó go dteighidh tú ag iarraidh rud air. Mise imbannaí go mbeidh a fhios agad annsin cé hé do dhuine féin /[Níor cheart dhuit a dhul ag coireamhaint mar sin air. Nach hé do dhuine féin é]/ Ní fhaghann duine breith a bhéil féin igcomhnaí. Is maith an staic roint dhá shásamh / Ná bac le duine adéarfas rud mar sin! / Is iomdha duine ariamh ar eirigh rud de'n tsórt sin dó, agus cé'n neart a bheadh aige air / Ní thú an chéad duine ariamh a bhí mar sin. Corruigh suas thú fhéin / Is aisteach an breac é an duine bíodh a fhios agad / "Tairg biadh do dhuine bheo, agus mar n-ithidh sé é leigeadh sé dhó" / Deir siad nach bhfágfadh an capall an duine chor ar bith ann, marach go feicthear di go bhfuil sé cho h-árd leis an aer /[Ní fhágfaidh an cogadh seo an duine chor ar bith ann, ach grásta Dé]/ Má theagann aicíd anois, giorróchaidh sí leis an duine ar fad / Is furasta chur ag an duine nuair a bhíos sé amach 'san aois / Bíonn an duine an-teann agus gan a shaoghal ach gearr / Fagh thusa an duine a dhéanfas sin anois duit / Ghabhfadh sí thrídh dhuine é a fheiceál 'sa meath sin = scrúdfadh sé duine / Cé hé an duinín seo anoir? / Duinín suarach gágach é / Dheamhan duinín níos tuataighe ná P. Th. / Céard tá ort, a dhuine! What is wrong with you now man /[Ara leig dhom a dhuine! / Ná bac leis sin a dhuine! Ní shin é chor ar bith é, ach seo / Céard sin ort a dhuine sin! / Céard deir tú a dhuine sin!]/ Dhá mbeadh airgead le tabhairt uaim agamsa a dhuine sin, ní shin é a gheobhfadh é. / Beannacht Dé dhuit a dhuine sin! Is mór de do cheann atá falamh /[Araoid a chur air siúd a dhuine sin! Oibrigh ort, má's maith leat, ach ní bheidh aon-phlé agamsa leis / Go gcuiridh Dia an rath ort a dhuine sin! Cá bhfuighinnse airgead?]/ M'anam a dhuine chroidhe nach bhfuil bainne againn duinn

féin ní áirighim a dhul dhá dhíol = my dear man / Is fíor dhuit é a dhuine chroidhe /[Rinne tú an ceart a dhuine chroidhe, agus gan caismirt ar bith a chur air. An rud céadna a dhéanfainn féin / Cá bhfuigheadh muide fataí a dhuine chroidhe! D'ídigh muid a ndeireadh an tseacht -ain seo caithte]/ A dhuine chroidhe na páirte céard adeir tú? = my dear dear friend / A dhuine chroidhe na páirte, an dáiríre atá tú? 'Ar ndú' ní ag síleachtáil atá sí go bhféadfaidh sí foghail a dhéanamh orainne as éadan // Tá go leor daoine in a gcomhnaí annsin /[Áit é atá ar bheagán daoine anois]/ Is beag na daoine atá ag cur seagail chor ar bith anois / Cé na daoine atá i Sasana = céard é líon daoine Shasana / An bhfuil mórán daoine igCorcaigh thar mar atá inGaillimh? / Cé na daoine a bhí ar cuairt ann / An daoine mar sin iad / Tá daoine oibrighthe faoi sin muis = cuid de na daoine / Tá daoine adéarfadh leat nach hé a rinne chor ar bith é. 'Ar ndú' dhiúltaigheam-uide dhó! / Daoine: agus daoine eile nach gcuireann amach chor ar bith é (: cuireann daoine amach é, agus ní chuireann tuilleadh as an gcaint a bheadh ar siubhal roimhe sin a thiocfadh a mhac-samhail de fhreagra) / Tá gnaoi na ndaoine air = meas an phobail / 'Sé ráidhte na ndaoine nach raibh sé ann beag ná mór: gur cionntuigheadh 'san éagcóir é mar cionntuigheadh cuid mhaith leis / B'fhéidir gur mar sin a thárluigh sé, ach ní shin é scéal na ndaoine. Cuirtear a dhá oiread air i gcomhnaí / Ná bí i mbéal na ndaoine má fhéadann tú = as comhair na ndaoine; nó ná bíodh na daoine ag caint ort. Ná tabhair slí chainte dhóib / Tá na daoine óga ag imeacht uilig = an aos óg / Bheadh aithne ag daoine meán-aosta air / Daoine an-bhainte-amach iad / B'ait le na daoine ceart a fháil dhá bhféadaidís = Cialluigheann sé seo go minic: B'ait linn nó liom féin nó mo mhuintir / An dúil atá agad na daoine (: muid) a ghortú? / Dhá mbeadh 'chuile shórt ag na daoine go dtí cathaoir-eachaí boga, dheamhan a mbeadh daor-bhasctha chor ar bith do na daoine (: muide, an teach seo) /[Meastú céard a dhéanfas na daoine chor ar bith (: muide) má theagann an dlí sin amach? / Tá na daoine reicthe agad (: muid)]/ Aireochaidh na daoine an dole (: muid) / Tá na daoine

caillte ag an bplúr céadna /[Cuirfidh sé sin na daoine de'n tsaoghal
má mhaireann dó / Caithfidh na daoine beatha a bhaint as a gcrága
feasta / Ní theastóchadh ó na daoine ach a dhul amach in éindigh leis
sin / Is deacair le na daoine eirghe ag an h-ocht féin, ní áirigh
-im ag an sé a chlog]// Na daoine móra seo soir annseo atá dhá
iarraidh = [daoine móra = daoine méaduighthe, fir; ach is minic a
chialluigheas sé daoine uaisle / Bhí sé ar dinnéar ag daoine móra
inG. in áit eicínt /[An bhfuil daoine móra annseo thoir anois? /
Chuir na daoine móra fios air. Sin é do dhóthain / Tá sí isna
daoine móra anois. Ní thiubharfadh sí comhluadar ar bith do daoine
dona / An ag iarraidh a dhul 'sna daoine móra atá sé, a
dhul ag déanamh a leithid de theach? / Shílfeá go bhfuil tú ag cuimilt
le na daoine móra ar an saoghal seo. Chonách maitheasa ort!]/
Dheamhan mórán atá de bharr na ndaoine móra aige, th'éis
go mbíonn sé i gcomhnaí ag smúracht timcheall orra /[Beidh
beann aige sin ar an duine mór i gcomhnaí, ach ní bheidh na
daoine beaga ach 'sa ngearradh-dhíob aige / Níl gnatha ar bith
againne a bheith ag ceartas len a leithidí sin — daoiní móra]//
Is duine uasal é = duine mór = nó de chineál daoine móra / Bhíodh
duine uasal ag teacht ag iascach annseo thuas an bhliain cheana.
Chaith mé cupla lá in éindigh leis /[Níor shuidh mise ariamh ag bord
duine uasail ach an oiread leat féin / Bhí bollscaire buird
ag an duine uasal]/ Ní duine uasal é, ná píosa ar thóin duine
uasail / Tá go leor daoine uaisle 'san teach mór anois /
Ní comórtas ar bith do dhaoine uaisle mise. Ní h-ionann
bodach agus Dia, adeir siad /[De chineál daoine uaisle é / Duine
uasal ó gheinealach é]/ Duine uasal é anuas de
lota na gcearc = duine a mbeadh a lán talmhana faoi, agus
an-tsuimeamhlacht ann, ach a thiocfadh de chineál daoine dona
in a dheidh sin / Is deas é mo dhuine uasal muis! Sin é féin an
duine uasal anuas de lota na gcearc /[Diabhal mé go raibh gairm
duine uasail roimhe, go raibh sin. Diabhal aithne orra nach hé
Lord A. a bhí aca ann. Mo léan an duine uasal muis! Duine
uasal anuas de lota na gcearc]/ Sin é an duine uasal eile muis

Duine uasal anuas de lota na gcearc /[Tá sé an-tsuimeamhail. Is fiú dhó muis. Duine uasal anuas de lota na gcearc. Teigheadh sé siar chuig P. Sh. agus innseochaidh sé sin dó cé hé féin; agus ní ghabhfaidh sé anonn ná anall leis ach oiread]/ Muis ní raibh ná aon-duine dhár tháinic ar a chine ariamh in a dhuine uasal. Daoine uaisle anuas de lota na gcearc! Ach dhá ndéanadh floscaidheacht dóib é, bhí siad indon cosa beaga a chur faoi na glasógaí /[Mac Sh. N. sin! Thug duine eicínt duine uasal air! Dia Dílis dhá réidhteach! Céard atá ag teacht ar an saoghal chor ar bith! Mac Sh. N. in a dhuine uasal. A Dhia agus a Chríosta! Duine uasal anuas de lota na gcearc. Sin é an duine uasal é.]// "Garrdha lán de dhaoine uaisle: cultachaí dearga agus bratachaí uaithne" [Tomhais: garrdha lín] / Is duine uasal thú nuair a luaidhtear thú = déarfaí faoi dhuine é a thiocfadh nuair a bheithí ag caint air / [M'anam ó'n diabhal gur duine uasal thú nuair a luaidhtear thú bhí mé ag caint ort go díreach agus thú ag teacht faoi'n doras. Dheamhan a rabh a fhios agam an raibh tú ní ba ghoire do láthair ná do theach féin]/ 'Sé do bheatha! 'Sé do bheatha a dhuine chroidhe! Is duine uasal thú nuair a luaidhtear thú! Bhí muid go díreach ag tabhairt ghubh ort annseo, faoi nachar bhog tú aniar againn le fada ariamh. Céard a choinnigh amuigh chor ar bith thú? /[Diabhal gar ag caint ach is duine uasal thú nuair a luaidhtear thú. Dhá mbeadh muid ag coireamhaint ort ar chaoi ar bith chloisfeá é. Diabhal bréag nach gcloisfeá]/

Diucaireacht: ainm-briathar = ag árdú agus ag ísliú cinn; mar a bheadh duine a bheadh isan áirdeall ar chúla claidhe (ducking? — Béarla?)

Chaith sé an lá annsin thíos ag diucaireacht uirre, agus dheamhan steam-ar a bhí dhá bharr aige trathnóna / Bhí an faoilleán ag diucaireacht agus ag diucaireacht agus ag diucaireacht istigh 'san teach. Dheamhan feic a chonnaic tú ariamh go dtí é /[Sin í a cheird sin ó dhubh go dubh ag diucaireacht ar chúla claidheachaí 'bhfeicidh sé cé a bhéas ag dul thart, gan é féin a thabhairt le teasbánadh]/

Dúnárus, Dúnárusach

Dúnárus: ainm-fhocal; fireann

dúnárus = aistighil; dorchacht; rúnmhaireacht, caomhamhaint; fascadh; gan aon-leigean amach; neamh-chaidreamh; dúire; neamh-phléascántacht; cheal spleodair; doithcheall; coimhthigheas.

'Sé an dúnárús a rinne sé uirre = bhí sí cho h-aisteach, cho dorcha, cho rún-mhar, cho neamh-choidreamhach le daoine eile, agus nach raibh a fhios ag aon-duine céard ba chor dá cúrsaí, nó go raibh an mhísc déanta. Dhá leigeadh sí a rún nó fios a gnaithí le duine eicínt roimhe sin, cho dóighide agus atá an Cháisc ar an Domhnach, bheadh an té sin nó daoine eile indon fóirith -ín a dhéanamh uirre / 'Sé an dúnárus a d'fhága ins an talamh í = níor innis sí d'aonduine go raibh cheal ar bith uirre, nó gur fritheadh amach é agus í básuighthe. Dhá n-innsigheadh chuideochadh duine eicínt léithe, nó thiubhar-fadh sé comhairle di. / Go bhfoiridh Mac Dé ar do cheann a mhic ó — go n-innseochadh sí sin tada dhuit. Ní innseochadh ná aonduine dhá dream. Bhí an doithcheall agus an dúnárus go smior ionnta / Tá sí cuibh-righthe istigh ins an mbráicín údan anois agus gan mac an aoin bheo dhá taobhachtáil ó Luan go Satharn. Ach is beag an mhaith d'aonduine í a thaobhachtáil. Tá an oiread de'n dúnárus innte, agus nach n-innseochadh sí dhuit é, dhá mbeadh cruadhóg an tsagairt uirre. Mara bhfuil ag Dia sin é an chaoi a mbeidh sí maidin eicínt: básuighthe gan ola gan aithrighe / Bhí an dearbhráthair in athchur an anama agus é féin ag dul síos agus suas annsin 'chuile lá, thar mhuintir an bhaile, agus ní chainteochadh sé air, ar bhás an domhain. Thug sé cead báis dhó le na chuid dúnáruis, ins an deire, gan dochtúr ná sagart a fháil. Bhí an phúcaidheacht chéadna air ag an gcuisle (: coiste). Ní raibh smid le baint as le pionsúr, ach é ag mungailt faoin a fhiacla. Is maith a chuaidh sé as nach istigh faoi "mhurder" a bhí sé. Dhá mbeadh féin, ba bheag an scéal é. Chaith an sagart dhá uair in a éadan, ach má chaith féin sin é a raibh dhá bharr aige. Chinn air amhdachtáil ar bith a bhaint as. / Sin é a gcuid dúnáruis sin i gcomhnaí, 'chuile rud a dhéanamh ar chúla téarmaí agus ingan-fhios do'n chomhursa. D'fhiafruigh mé dhe indé cé'n chaoi a raibh P. "Maith go leor" adeir sé, agus ní bhainfeadh fear agus píce tí ba mhó (: ní ba) as. An chéad rud eile, agus mé thuas ins an nGarrdha, chonnaic mé an sagart ag dul

tharm. Sin é an uair a chuala mé gur ag cur na h-ola ar Ph. a bhí sé. [Chuaidh mé isteach ann ar mo bhealach suas. Níor labhair aon-duine ins an teach liom — dubh bán ná dubh buidhe. B'éigin dom féin a dhul agus an dorus a bhrughadh siar ins an seomra. Marach go ndearna mé féin é, leigfí amach aríst mé d'fhuireasbhaidh a feiceál. D'fhiafruigh mé indiu dhe aríst cé'n chaoi a raibh sí. "Maith go leor" adeir sé, agus shílfeá go mbadh mhó an guth a bhí aige orm faoin a fiafruighe beag ná mór. Nach deacair a bheith ag iarraidh maitheasa ar a leithide sin]/ Daoine a dhul ar cuairt aca sin go deimhin! Mo choinsias muise fuair tú amach é. Ní thaobhóchadh duine ar bith iad sin: dream nach mbainfeá dhá fhocal asta go h-am suipéir. Tá an diabhal ar a gcuid dúnáruis. / Is beag a chuirfeas an dúnárus sin ann dóibh muis. Dhá mbeidís breagh pléascánta mar bheadh daoine, agus fhios a ngnaithí a leigean leat, diabhal mé gur h-iomdha duine a mbeadh gnaoi aige orra, agus a thiubharfadh congnamh dóib. Ach ar an mbealach atá leo, dheamhan fios a bheadh agad an raibh agad beannú dóib ar an mbóithrín, ar fhaitíos nach mbeannóchaidís duit / Tá a chuid féin de dhúnárus Chloinn Mhac Confhaola ag siubhal leis sin. An té is críonna a rugadh ariamh — Sola féin agus deir siad go mba chríonna an fear é — ní bheadh a fhios aige, cé air a mbíonn sé sin ag cuimhniú. Scaithtí ní bhreathnóchadh sé ins an taobh a mbeitheá, agus scaithtí eile dheamhan fear is laetheamhla ná é. Mar sin atá sé ag dul dó — in a dhaolannaí. [An t-am ar tháinig sé abhaile as Sasana, bhuail an cliamhain aniar de mhaol a mhainge, seacht míle bealaigh le theacht ag breathnú air. Casadh dhó é annsiúd imbéal an tseoil, ag ceann an bhóithrín. Ó diabhal an smid! Síos le P. ag an gcladach agus d'fhan sé scathamh thíos ann. An uair a tháinig sé aníos ag an teach, bhí an cliamh-ain ann roimhe, agus é ag ól tae. Shílfeá gur ó mhullach an aeir a thuit sé chuig P. Anonn leis go gcraitheadh sé láimh leis, ach thug an ceann eile do'n diabhal é féin agus a láimh. 'D'eile céard a dhéanfadh sé]/ Chonnaic mise iad sin roimhe seo agus gan gráinne plúir in a dteach. Bhí "Committee" dhá leigean amach an t-am céadna. Le teann dúnáruis ní chuirfidís isteach air: gurb é N. Th. a mb'éigin dó a dhul suas, agus a dhul isteach ar an urlár aca idir chlár agus chuinneog, gur chuir sé faoi ndeara dóib a dhul siar agus a gcuid mine a fháil. Is túisce a chaillfí istigh ins an teach iad fhéin ná a chorróchaidís … Móiréis mo chreach! Ní móiréis ar bith a bhí orra, ach dúnárus agus coimhtigheas — an rud atá ionnta go fairsing anois agus an uair sin / Níor innis sé

do dhuine ná do dheoraidhe ar an mbaile go raibh faoi imeacht nó gur facthas ag dul soir an bóithrín é, agus a "travelling-bag" aige. Sin é a gcuid dúnáruis sin i gcomhnuí. Ní chuirfeadh sé sciúrtóg as dóib a innseacht, ach is daoine coimhthigheacha mar sin iad. [Ní leigfidh siad tada le aonduine go deo. 'Sé a mbealach é. Tá 'chuile dhuine ar an bhfeadhain aca, ar an gcaoi chéadna — ibhfus agus thall.]/ An aistighil agus an dúnárus a mharbhuigh é sin ariamh. An bhfaca tú sochraide a mháthar. Ní raibh triúr as a bhaile féin ann th'éis í a bheith istigh in a gceartlár. Dheamhan a leigfeadh an scáth dóib an teach a thaobhachtáil aige, agus gan a fhios aca nach hé a n-ordú amach aríst a dhéanfadh sé. Níl droch-mhúineadh ar bith ann, ach ní beag dó a dhonacht, in a dheidh sin / Tá an scoth óg ar an dúnárús ceanna a raibh na sean-daoine. Feacha T. sin, agus an choduidheacht a bhíos air. Ag imeacht in a shúmaire i gcomhnuí. Bheadh sé ag dul síos G. bog te ambáireach, agus dhá bhfiafruightheá dhó (: dhe) é in a dheidh sin, déarfadh sé nach rabh a fhios aige. [Is maith a chruthochthá deirimse leat, le tada a bhaint as sin]/ Le neart dúnáruis nach n-innseochadh sé gur cailleadh an capall air. Shílfeá nar shamhaoine ar bith dhó a dhul ag ceilt rud mar sin. Is cuimhneach liom cheana an uair a bhí na "staggers" ar mhuca an bhaile go bhfuair mé caidéis eicínt dá cuid-seisean. "Níl cailleadh ar bith orra" adeir sé. An lá roimhe sin agus mé ag rómhar fataí ingarrdha M. L. a chonnaic mé é ag tabhairt siar ceann aca, agus dhá cur inGarrdha an Tighe. Ní raibh mé ach ag baint as go bhfeicfinn céard adéarfadh sé. Ach mo léan géar muise, siúd é nach leigfeadh tada leat. Ní mórán a fhéadfar a chású leis / Bhí an teach uiliog buailte síos leis an bhfiabhras, agus le teann dúnáruis níor innis siad d'aonduine é. 'Sé M. B. faoi dheire a bhrath nach raibh cor ná car istigh, agus chuaidh sé ag an dorus agus thosuigh sé dhá rúscadh. Ní innseochaidís dó an uair sin féin é. Meas tusa nach raibh an coimhthigheas agus an dúnárus ag siubhal leo sin! [Chuaidh M. B. siar agus d'fhuagair sé do póilíos é. Tháinig na póilíos agus an dochtúr annsin, agus h-árduigheadh isteach chuig an aspuicil iad. Marach sin, bíodh a fhios agad, dheamhan deóruidhe aca a bheadh ins an gcomhaireamh ceann.] D'fhanfaidís annsiúd go dteigheadh sé in ainsil orra, agus nar b'fhéidir a dtabhairt as. Tá an dream sin aisteach, ní dhá roint leo é / Is beag an dúnárus a bhéas air deirimse leat ag leagan a bhúrla nútaí (: nótaí) isteach thíos ins an mbeainc. 'Sé an cainteoir é annsin. Agus mara bhfuil teanga bhlasta Bhéarla aige castar leis é. [Bhí mé ag éisteacht leis lá a raibh mé ag íoc cíosa ann. Is fada go rabh a fhios agam gurb é a bhí ann chor ar bith. Uair annamh a chloisfeá a ghlór annseo.]

Dúnárusach = aidiacht as dúnárus.

Dúnárusach = dorcha; coimhthigheach; aisteach; neamh-phléascánta; doithcheallach; rúnmhar; neamh-choidreamhach; fascamhail

Nach hí atá dúnárusach anois nach n-innseochadh duit go raibh sí ag dul ag pósadh, aindeoin cho mór le chéile agus a bhí sib. Tá béasa na gC. aice /[Bhí an bhean curtha shul má chuala muid é. Duine dúnárusach ceart é siúd. Níor innis sé d'aonduine go raibh donacht ar bith uirre nó go bhfuair sí bás. Nach raibh a fhios aige go bhfuighthí amach de'n bhuidheachas é. Ach níor mhiste leis. Ní thiubharfadh sé an oiread de do croidhe dhuit in a dheidh sin agus go gcainteochadh sé air. Sochraide bheag a bhí ann i ngeall ar a chuid dúnaruis féin. Leath a raibh sé dlighte dóib, níor chuala siad smid fúithe go raibh an bhean bhocht curtha]/ Scaithtí bíonn sí an-phléascánta : ag caint, agus ag déanamh spraoi, agus 'chuile shórt tarraingthe anuas aice, agus shílfeá go mbadh leat ar fad í. Ach ar ionntú do bhoise aríst, bíonn sí cho dúnárusach agus nach mbainfeá focal aisti le meanaí. Luath-intinneach mar sin atá sí. Chonnaic mé ag dul siar trathnóna í, agus gothadh an-diúltach uirre. Ba bheag le gur bheannuigh sí dom. Sáthach deacair a bheadh sé í a bhearradh anocht cheapfainn, ach béidh a shliocht uirre, fanóchaidh na daoine (: an té atá ag caint) glan uirre. / Má's dúnárusaighe é ná an t-athair muise, sháruigh sé loirgne dóighte. [Thóig sé lá mé ag dul suas an bóthar lathaighe: bhí carr aige. Suas L. A. a bhí mise ag dul. Tá go leor daoine muintreacha aige suas annsiúd. Tá siad an-scaipthe: i L., ar an gC., i gC. na B., i gC. E. Dá mbeinn in éindigh leis go dteigheadh soir siar, ní innseochadh sé dhom cá raibh sé ag gabhail. Diabhal innseacht muis. Ná ar chaith sé trí fhocal cainte ó d'fhága muid Árd an Bh. nó gur leig sé anuas mé ag bóthar L. Chas sé an capall aríst agus as go bráth siar leis. Sin é an uair a chuimhnigh mé nach raibh sé ag teacht thar Ch. E. ach go dtáinig sé an chuid eile liomsa. Nar ghnaoidheamhail an mhaise dhó é in a dheidh sin. Ach ní innseochadh sé dhom ar bhás an domhain cá raibh sé ag dul é féin, luath ná mall / Th'éis cho dúnárusach agus atá siad is maith uatha cúis a dhéanamh in a dheidh sin. Is maith teann an stoca atá ag P. sin, agus 'ar ndú' ní bheidh fhios ag aonduine cá mbeidh sí (: stoca an airgid). Mo choinsias ní bheidh a fhios / Tá an diabhal sin in a shúmaire cho dúnárusach agus a chasfaí leat in do shiubhal lae. Ara cé'n! Nach bhfuil sé cho dona 'chuile orlach len a bhean féin, agus atá sé le 'chuile dhuine eile. Dá mbeadh sé sin ag cur beithidhigh ar aonach, ní chainteochadh sé amach as a bhéal air léithe, go n-imigheadh sé ann. [Thiocfadh sé síos G. dhá shiubhal

ionnsuidhe, agus ní bheadh a fhios aice faoi bhonnaidheachaí an diabhal cá mbeadh sé nó go dteagadh sé abhaile — ná b'fhéidir an uair sin féin. Dheamhan a fhios agamsa an labhrann sé léithe beag ná mór. Ach tá sé ag cur airgid tirm thairis déar-fainn agus deir Yank Sh. L. féin gurb é an t-airgead an buachaill. "Níor mhiste dhuit a bheith balbh ná briotach ná gan caint ar bith i Meiriocá" adeir sé "a fhad agus atá airgead agad. 'Sé an t-airgead an buachaill. Labhrann an t-airgead. 'Sé atá deas air"]/ Tá beirt aca ann anois muis, i mbéal an doruis ag án a chéile — beirt atá 'chuile ordlach cho dúnárusach le chéile.
Tá mé ag ceapadh go dtiocfadh an bheirt isteach ag cuartuidheacht ag a chéile, agus nach labhróchaidís smid go maidin ach ag breathnú síos ins an splainc. Is maith 'un a chéile iad go siúráilte / Is diabhaltaí má tá sí cho dúnárusach sin gur innis sí do Bh. go raibh sí ag dul ag pósadh. 'Sí B. a d'innis domsa é, agus do chuid mhaith liom. Ar an dá luath agus a bhfuair sí sin leide air, is uirre nach raibh an mhoill dhá scaipeadh. Bhí sé ibhfad agus ingearr aice trathnóna. Sé an biadán sin a buac. Cheapfá go mbeadh an ceann eile níos aigeanta ná a dhul ag leigint a rúin len a leithide sin, má bhí cás ar bith aice faoi. Agus bhí, mar bhí sí ag cur a craicinn di dhá shéanadh le 'chuile dhuine faoi cheann cupla lá. Bhí an cleamhnas de dhruim seoil an uair sin. 'Ar ndú níor nearth-uigh an ceann eile ar a maidí chor ar bith go bhfuair sí léireachan ar an méid sin / Tá baoghal air siúd é a innseacht duit. Shílfeá feasta choidhchin go mbeadh aithne thairis sin agad air. Cé'n uair a d'innis sé siúd aon-cheo d'aonduine a dhéanfadh leas dó. Ní raibh aon-duine ar a chine ariamh cho dúnárusach leis. Dhá mbeadh fios do shaoghail aige, ní chainteochadh sé air. Choinneochadh sé istigh faoi na mailí gruama siúd é. / Ní caomhamhaint ar bith atá innte sin ach gur sháruigh sí an saoghal tá sí cho dúnárusach sin. Bhí mé soir annseo chuig an D. in éindigh léithe trí lá i mbéal a chéile an t-am a raibh an bhruitíneach agus an leicneach ar an gcuid se'aghainn féin. [Dubhairt mé léithe é. Níor dhubhairt sí a dhath faoi na gasúir se'aice féin. Ba bheag an luadh a bhí aice a rádh go raibh siad orra.] Ní abróchadh ná dá mbeidís ag saothrú báis, i bhfad uainn an anachain. Súmaireacht de'n tsórt sin a bhí ag rith len a dream ariamh. Púcaí bradacha! Bheadh sé cho maith dhuit a bheith ag caint le asail leo. Is beag is ionann é. Is mó a bheadh de bharr na n-asail ag duine / Is deacair S. a barruidheacht chor ar bith. Tá sé an-dúnárusach. Níl a fhios ag aonduine céard a bhíos in a chloigeann, má bhíonn tada ann. Ach bíonn. Tá sé an-domhainn, ach leis an mbealach dorcha dúnárusach atá leis, ní bheidh a fhios ag aonduine choidhchin cé'n intinn atá aige /

Dul = briathar

[Fuaim: gol′ go h-iondamhail ach scaithtí (gōɪ). Tá briathar "dul" agus "gabhail" measctha le chéile is cosamhail. Ní bhíonn fuaim d ins an ainm-bhriathar aon uair. Bíonn fuaim ə (a) agus séimhiú roimh an ainm-bhriathar 'nuair nach mbíonn "ag" roimhe i.e. indon a dhul. Fuaim ie ins an mBéarla "die" ins an Aimsir Láithrigh, ach nach bhfuil sé cho barrainneach amach agus amach. Tá níos mó de'n "e" (ə) ann inGaedhilge. Is minice sílim an "-tear" ins an mBriathar Saor Láithreach (: teightear) gan séimhiú ná séimhighthe, ach athruigheann sé ó dhuine go duine. Tá na fuaime-anna céadna ins an Aimsir Gnáth Caithte, ins an bhFoshuidhteach Láithreach agus Caithte agus ins an Modh Orduightheach. An Aimsir Caithte: chuadhas = xūə:s xūəs ach imigheann ua go minic agus deantar xos dhe, agus, tóigeann sé an aimsir chaithte go minic ó "ghabh" i.e. ghabhas (ɣ̄əːs). Chuaidh sé = xūə (: gan fuaim ar bith ar -idh). Ar an Achréidh agus i Muigh Cuilinn tá fuaidh (fūə) an-choitianta. An diúltach ins 'chuile áit: ní dheachas, ní dheachaidh agus rl (axə : níl aon-fhuaim ar an d). Aimsir Fháistíneach: is minice aimsir Fháistíneach agus Modh Coingheallach anois as gabh ná "rachaidh" agus rl. Gabhfaidh mé agus rl. (gō — Cois Fhairrge; gə Camus Rosmuc agus na ceanntair siar) an ghnáth-aimsir Fháistíneach, ach go bhfuil "rachaidh" tréan go leor fós ins gach uile áit. "Rachaidh" is mó atá ar an Achréidh ach tá "gabhfaidh" (: abh = fuaim ou i "round" Béarla) ann freisin. Ins an mBriathar Saor Caithte deirtear "ní dheachadh" (Riaghalta) i leabaidh "ní dheachthas" go minic. Deirtear gabhail ó (ghabh) (gō:l′) in áit "dul" go minic ins an mbriathar saor, agus cloistear an dá rud i leaganacha fearacht "ag dul dó", "ag gábhail dó agus rl. Tóigtear an t-aidiacht-briathar ó "ghabh" nó "imigh" (ó "imigh" go h-iondamhail i.e. tá sé imighthe ann, nó tá sé gabhtha nó gaibhte ann. Níl dulta ins an gcaint. Tugtar an deifridheacht idir "imeacht" agus "a dhul" faoi deara: an uair a bhíos an ciall gluaiseacht ó áit, nó áit a fhágáil le dul, ní bhaintear leas as "dul" ann féin. Ní féidir "chuaidh sé" ar "he went" a rádh ná "chuaidh sé as seo" nuair is fágáil nó scaramhaint atá i gceist. "D'imigh sé" adeirtear i gcásanna de'n tsórt sin i.e. d'imigh sé ar ball, d'imigh sé, d'imigh sé leis (: ní "chuaidh sé leis"). Ach "chuaidh sé go Baile Átha Cliath". "Chuaidh sé ins an mbus ag ceann an bhóithrín". "Chuaidh sé ar an róthar agus rl. ("D'imigh sé ar an róthar" = d'fhága sé áit áirid agus is róthar a bhí aige ag fágáil]. [Tógtar an aimsir láithreach as "gabh" scaithtí: má ghabhaim (gō:ᴍ′) agus rl.]

Dul = imeacht nó gluaiseacht. Bíonn brigh áirid leis de réir an réamh-fhocail a bhíos roimhe nó in a dhiaidh, nó de réir an rádh cainte a mbeidh sé ann

[baintear leas as gabh Láithreach, Fáistíneach agus Caithte agus "imigh" mar Aidiacht Bhriathar an uair a chialluigheas siad dul ins na somplaí seo síos]

Chuaidh sé an bóthar. Ní dheachaidh sé an chara / Cé'n bealach a ndeachaidh sé abhaile? An casán ab eadh? Shíl mise go ngabhfadh sé (: go rachadh sé) an timcheall / Ná teirigh an t-aithgiorra. Tá an oíche ro-dhorcha. Is fhearr dhuit a dhul an bóthar / Is dícéillidhe an fear thú a dhul an abhainn (: treasna na h-abhann, a dhul an chara) a leithide d' oíche. Beidh fuarloch (: forloch) innte anocht, agus is fánach an chaoi a scuabfaí 'un bealaigh thú, i bhfad uainn an anachain! / Ná teirigh an chara anocht. Teirigh an droichead má tá timcheall féin ann / Chuaidh mé na breaclachaí, ach dhá mbeadh breith ar m'aithmhéala agam ní rachainn, arae níor fágadh snáth éadaigh orm gan stróiceadh / Is olc an bealach é an sliabh ag aonduine le dhul, má bhíonn aon-duibheacht ins an oíche / Ní ghabhfaidh tú an sliabh, an ngabhfaidh. Indomhnach b'fhearr liom a dhul an bóthar, agus fios agam go bhfuil sé a thrí fhad. Tá an criathrach sin faoi chaoch-phuill agus faoi chíacraí as éadan / Ná teirigh an garrdha treasna anocht nó ní fhágfaidh na crícheanna snáth ort / Tá tú ag dul an bealach ceart anois. Déan ar t-aghaidh / Sílim nach raibh muid ag dul an bealach ceart chor ar bith ar ball / Gabhfaidh mise an t-eolas. Teigheadh a rogha duine a rogha taobh / Gabhfaidh mé Baile Átha Cliath go goirid = go Baile Átha Cliath (: áiteacha a bhíos igceist go minic i gcaint fágtar an "go" ar lár. Fc. na somplaí seo síos. Ach tabhair faoi deara gur "go Ameriocá" adeirtear, agus ní Ameriocá d'fhuireasbhaidh an "go" / Chuaidh sé Gaillimh indiu / Theighinn Baile Átha an Ríogh ar aontaigh roimhe seo / Rachamuid Conamara go goirid. An bhfuil tú sásta? / Is fadó an lá anois nach ndeachaidh sé Conndae an Chláir. / Theigheadh sé taobh Mhuigh Cuilinn go minic fadó, ach is beag a theigheas sé ann anois / Chuala mé ag rádh go raibh sé le dhul taobh Uachtar Árd Dé Domhnaigh seo chugainn / Ní dheachaidh tú taobh na bhF. le tamall. Cé'n chiall? / Meastú nach bhfuigheadh sé bean, dá dteigheadh sé bealach an Chlocháin. Deir siad go bhfuil mná ann ar árdú orm / Má theigheann tú bealach R. aon-uair, buail isteach chuige / An ngabhfaidh tú taobh S. Gh. indiu? / An rachaidh tú tigh Sheáin-ín Sh. É. anocht. Tá céilidhe ann / B'fhéidir go ngabhfainn soir tigh Mh. Ph. R. Tá cliobóig dheas d'inghin aige / Ní ghabhfainn tigh Ch. aríst go ceann scathaimh, dhá mbadh mé thusa. Má bheireann sé ort, tiubharfaidh sé faoi na foraí (: fabhraí) dhuit é / Ní theigheann sé tigh Sh. chor ar bith anois. Tá an brachán dóirtthe / Teigheann sé

an bóthar 'chuile trathnóna = he passes by here / 'Chuile uair dhá dteigheann sé an bóthar glaodhann sé isteach / Teigheann sé siar (soir, suas, síos, amach, isteach, thart etc.) an bóthar, (an abhainn, an cladach, an pháirc agus rl.) 'chuile lá / Ní ghabhfaidh tú an choill anois. M'anam gur suaímnighe dhuit an bóthar / Chuaidh mé an garrdha ar maidin agus ní fhaca mé aon-amharc dhe / Ghabhfadh sé idtigh Diabhail ag tóraidheacht óil / Ghabhfainn isteach dorus ar bith dhá bhféadfainn // Chuaidh muide cluiche = rinneamar cluiche; bhaineamar cluiche amach an babhta sin. / Chuaidh siad trí chluiche imbéal a chéile agus chinn orainne a dhul cluiche ar bith. Dheamhan cúig ná cárta a bhí mé a fháil / An ndeacha sib deich? Chuaidh muide cúig / Cé a chuaidh fiche? An dá Sheán. [Bígidh ins an áirdeall orra agus féachaighidh leis an mbun a choinneál istigh]/ Ní dheacha -idh sé ach deich. Dar ndú', dhá dteigheadh, meastú an leigfinn tharm a aona h-airt gan sclamh a bhaint aisti! /[Chuaidh muid cúig an geábh deireadh agus rachamuid scór an geábh seo, agus bun amuigh a bhéas an uair sin ann / Is beag a chuaidh tú a dhuine bhoicht ach an oiread liom féin. Ní féidir a bheith suas le na h-ealadhantóirí eile seo. D'imreochaidís ar Rí na Méar- -acán]/ Ní dheachaidh tú fiche anocht, ní áirighim an "trip" seo. Cé leis a ngabhfá fiche agus a raibh de ghadhair istigh ag faire ort / Chuaidh mé árd go maith ach ní dheachaidh mé sáthach árd in a dheidh sin, le bun a dhéanamh / Dhá aoirde dhá ngabhfaidh tú, gabhfaidh mise an chúig bhairr in a dheidh sin. Bí siúráilte dhó sin / Chuaidh sé an-árd leis an teach. Thairg sé trí chéad chúig phunt dhéag agus trí fichid air / Chuaidh T. Ph. L. dhá phunt dhéag deich leis an mbudóigín, [ach ní scarfadh S. léithe gan an t-airgead díreach]/ [Chuaidh mise scór leo, ach ní raibh aon-mhaith dhom ann. Tá sé an-danra. Ní leigfeadh sé lag labhartha as dhá phunt agus fiche deich iad]/ Ghabhfainnse tuilleadh léithe, ach b'fheasach dom go maith nach raibh aon-tsamhaoine dhom a dhul ag margáil fúithe, nach leigfeadh sé as an airgead adubhairt sé í / Cé mhéad a chuaidh an bhó … muise an ndeachaidh? / Meastú cé mhéad a ghabhfadh an capall sin dá mbeadh sí agam ar aonach na F.? / Cé mhéad atá plúr ag dul anois … tá baol. Nach hí an scrios í? /[Gabhfaidh móin naoi bpunt an "lorry" amach annseo. Foighid ort!]/ Rachadh féar tuilleadh imbliana marach a fheabhas agus a tháinic an bhliain / Ní ghabhfadh sí "an pradhas" sin ar aon-aonach eile, nó baoghal ar bith uirre / Níor ceart go rachadh sí an pradhas sin, dhá mbeadh ceart le fáil, ach tá 'chuile shórt in a ór. / Má chuaidh sí deich bpunt, chuaidh sí a luach go

maith. Céard atá innte ach sean-chrupach atá aois chapall na muíntire. / Tá móin ag dul a luach go binn anois. H-ocht bpunt ar lán do ghabhail de "lorry". Ins an saoghal a tháinic sé tada a bheith uirre / Ab shin é a bhfuil sí ag dul anois mar cheilp, th'éis a raibh de chaint uirre. Ní fiú an tairbhe an trioblóid / Chuaidh mé chúig cinn = d'eirigh cúig cinn liom (i mbáire binne nó cluiche mar sin) / Chuaidh Seán naoi gcinn déag agus buaileadh é in a dheidh sin // Chuaidh an ghaoth ó thuaidh = d'athruigh sí / Gabhfaidh sí ó dheas go goirid (: an ghaoth) / Ní ghabhfadh Pádraig go dtín a ghlúine, tá sé cho mór sin / Is beag an baoghal ort a bheith cho mór leis. Níl tú ag dul go dtí a ghualainn féin / Ab í an tsudóigín bheag sin. Ní ghabhfadh sí go dtí mo lár / Tá feasóig air ag dul go dtín a bhrollach / Tá na beithidhigh ag dul go dtí a mbolg i bhféar / Bhí muid ag dul go dtí a (: ar) muineál i gcriathrach (in uisce etc.) / Chuaidh mé go dtí mo cholpaí in uisce ag iarraidh a theacht abhaile // Gabhfaidh do láimh i bpaca má déanann tú sin arís é (fc. láimh) / Cá rachaidh tú? = Cáil tú ag dul (an-choitianta ag sean-daoine) / Dia dhuit a Tom. Cá rachaidh tú anois, a chuid? / Cá'il do dheifir (do chruadhóg) ag dul / Fan liom. Cá'il do dheifir ag dul? = cá rachaidh tú le go bhfuil an oiread sin deifir ort? / Cá'il do dheifir ag dul? Bíodh foighid agad. B'éigin fanacht leat nó gur rugadh thú / Shílfeá go bhfuil an t-an-fhorú ort bail ó Dhia ort. Cá'il do dheifir ag dul? Breagh nach suidhfeá síos agus do reasta a leigean mar a dhéanfadh fear // Chuaidh droch-bhail air seo thíos tigh J. aréir. Bhí sé le buile agus le báine = cuireadh droch-bhail air / Gabhfaidh droch-bhail air ins an gcúirt, mara socruighidh siad roimh -ré é / Teigheann droch-chaoi air oíche ar bith dhá dteagann sé ar cuairt ann, agus in a dheidh sin féin, ní beo é gan a theacht = déantar bothae nó dóigh mhagaidh dhe / Chuaidh droch-chaoi air air aréir. Síneadh i lár an tighe é agus chuaidh a raibh ann in a mhullach / Gabhfaidh droch-críoch air sin, cuimnigh go bhfuil mise dhá rádh leat. Ní hé a mhalrait a thuilleas sé / Chuaidh dubh-chumaoin air i gC. indé. Casadh isteach tigh Dh. na h-A é, agus fuair sé biadh agus deoch gan cuntas ann. / Ghabhfadh cumaoin orm dhá bhfanainn, agus níor thráth moille é i bhfad ó bhaile / Níl baol ar bith nach rachadh fáilte romham dhá dteighinn isteach ann, ach céard a bhéarfadh isteach ann mé ach an oiread

le scéal / Gabhfaidh fáilte roimhe sin go maith. Ach tuige nach ngabh
-fadh: fear ar foghnamh. Go bhféachaidh Dia ar na scráibíní! /
Ghabhfadh caoi air, ach bhí muid dhá fhágáil ag ceapadh go saoirseoch
-adh rudaí faoi cheann scathamh = cuirfí deis air; dheasócht-
aí é / An ndeachaidh aon-chaoi ar an gclog fós? 'Ar ndú' mo
léan, ní dheachaidh / Ní ghabhfadh aon-chaoi ar an teach go deo
marach an inghean a theacht abhaile / Feicim nach ndeachaidh
aon-deis ar an talamh fós, agus beidh sé mar sin / Rinne sé
é, mara bréaga a chuaidh air = marar cuireadh bréaga air / Is
furasta le bréaga a dhul ar dhuine. Bíonn dream ins an bhfaire
ort i gcomhnaí, agus rud ar bith a fheicfeas siad cuirfidh siad a
seacht n-oiread air / Chuaidh bréaga ar an mbean sin agus an
dream a chuir uirre iad, ní maith a chuaidh siad dóib — ní maith sin / Chuaidh
scéal eicínt amach uirre gur ghoid sí airgead, [agus ní raibh ann ach
pait. Nach diabhlaí beag 'e shuim a bhíos ag cuid de na daoine
cliú daoine eile a reic]/ Chuaidh droch-cháil amach dó, [agus má chuaidh
féin, níl a fhios agam nachar thuill sé í]/ Má theigheann droch-
cháil amach do dhuine, bhí sé cho maith dhó luighe siar. Fanfaidh an
cháil sin air, dhá mbadh é an fear ba feilmheanaighe faoi'n
domhan é. Ar chuala tú ariamh é an té a dteigheann cáil
na mochóirighe amach dhó, bhí sé cho maith dhó gan eirghe go
trathnóna /[Má ghníonn tú é sin, ní shaorfaidh Éire thú gan
droch-cháil a dhul amach duit. Sin é a bhfuil ó dhaoine]/ Chuaidh
luaidreán (ráfla, scéal, siomóid agus rl.) amach annseo uair, go
raibh sé pósta le baintreach i Sasana agus nach raibh righeachan
ar bith len a cuid airgid. 'Ar ndú' mo léan! / Chuaidh ráfla
eicínt amach go raibh sé ag díol an ghabhaltais, agus bhí an baile ar
fad spréachta ag an teach aige maidin, ag rádh go mbainfidís
amach gan bhuidheachas é / Gabhfaidh an chaint amach de t'aindeoin.
[Ní bheadh a dhath maitheasa dhuit a bheith ag iarraidh rud a cheilt.
Faightear fios ar 'chuile shórt. Sin é a cheapaimse ar chaoi ar bith.
Chuaidh seafóid eicínt amach annseo uair go raibh tighthe nua le leigean
amach ar phighinn ins an tseachtain, agus bhí tír agus talamh ag an
mbeairic ag cur buinn ar an scéal lá'r na bháireach]/ Chuaidh go
leor nach raibh ceart amach faoi'n gceann céadna. Ní raibh sé

leath cho dona agus a bhí a cháil. Ach sin é an chaoi a mbíonn sé i gcomhnaí / Chuaidh a cháil sin i bhfad agus ingearr = cuireadh a cháil ins gach áit / [Is minic a theigheas droch-cháil ar dhuine ar bheagán údair]/ Chuaidh sé amach uirre go mbíodh sí ag cómhrádh (: ag cúirtéaracht) le saighdiúr "Black" i Londain, agus d'fhága sin ar an tráigh thirm í. Tá col ag 'chuile dhuine léithe / Chuaidh ath-chúirt air = cuireadh ar ath-chúirt é / Gabhfaidh "traoiáil" (: trial) eile aríst air / Rachadh chúig phunt air, marach a raibh de charaideachaí aige. Ach deir siad gur fearr caraid ins an gcúirt ná bonn ins an sparán / Ní dheachaidh air ach punt. Ar chuala tú a leithide de scéal ariamh? Ní fhaca mé fear poitín ag teacht amach ariamh cho saor sin / Gabhfaidh príosún air go siúráilte, agus má theigheann féin, is beag an scéal é /[Ghabhfadh bliain air, marach an chaoi ar labhair oificeach na bpóilíos, agus ar dhubhairt sé nach raibh aonduine in a dhiaidh ins an mbaile, agus go mbadh bean fheilmheanach í an bhean]/ Chuaidh príosún len a ló air, ach is maith a chuaidh sé as nachar cuireadh dhá chois é. 'Sé Dia féin a bhí in a fhabhar agus an chaoi ar tugadh ó'n gcroich é. Bhí an chnáib bealuighthe aca dhó / M'anam go ndeachaidh a cheart air, má chuaidh dhá phunt air. Deamhan luach dhá phunt a bhí foghluighthe ariamh ag a chuid beithidheach ann / Chuaidh rud eicínt le cois deich bpunt orm le 'chuile chostas a chomhaireamh. Ba daor an buille é, ach diabhal mé go raibh a shásamh agam in a dheidh sin / Meastú an ngabhfaidh faice air. Sílimse nach gcaithfear chor ar bith é: gurb é an ceann eile a chaithfear / Níl aon-chúirt dhá mbíonn thoir annsin nach dteigheann rud eicínt air, agus ní féidir a chomhairleachan in a dheidh sin / Chuaidh do dhíol ort a dhuine bhoicht dhá mbeadh neart air, ach sin é an dlí i gcomhnaí / Chuaidh tuairisc air = cuireadh tuairisc faoi / Chuaidh fiafruighe air, ach má chuaidh féin, chinn orra a chionntú / Gabhfaidh fáirnéis ar na caoirigh sin, feicfidh tú féin = cuirfear a dtuairisc; tóróch-thar iad / Goideadh rud eicínt de'n bhóthar an tseachtain seo caithte agus tá fáirnéis ag dul air ó shoin. D'fheicfeá na póilíos ag smúracht leo annsin i gcomhnaí / Chuaidh fios ar an athair, ach bhí sí básuighthe roimhe = cuireadh fios air / An ndeachaidh fios ar an gceap fós. Nach roighin sib / Tá sé thar am fios a dhul ar an sagart dó sin. Nach bhfeiceann sib go bhfuil sé ar na preaba deireannacha / Ní dheachaidh aon-fhios ar thobac dhom fós. An síleann sib go dtroiscfidh mé go maidin / Teigheadh fios ar na póilíos ar an bpuinte. Tá saobhchan air. Nach bhfeiceann tú cho glórach agus atá na súile aige / Ní dheachaidh aon-éiliú ar an gcíos fós, ach is gearr go dteighidh anois / Ní fhaca mé go ndeachaidh éiliú ar bith ar mhadraí imbliana, ach tiocfaidh sé orainn de sciotán lá eicínt. / An ndeachaidh aon-ghlaodhach ar Sheán agán a dhinnéar

fós. Tá an do-dhéag bainte aige / Teigheadh glaodhach air go beo. Tá an bhudóig dhá báthadh i gclaise an tsrotha / Chuaidh fuagra aige go minic a chuid beith-idheach a choinneál de'n talamh sin, ach 's aon-mhaith amháin é. Teigheadh leota de "shummons" aige anois. Ní chomhairleochaidh a mhalrait é / Chuaidh scéala eicínt isteach air go dtí an fear atá as a chíonn, agus is beag nachar briseadh é faoi / Bhí sé ag déanamh poitín, agus chuaidh spiadóireacht isteach air (: ní féidir a rádh: chuaidh spiadóireacht air) go dtí an beairic, agus dheamh-an mórán ar bith nachar rug siad air / Chuaidh an lá thart gan aireachtáil = d'imigh sé / Chuaidh an oíche thart, agus dheamhan asna dhíom a chuímnigh air / Is gearr a d'aireochthá an bhliain ag dul thart / Ní aireochthá an t-am ag dul thart chor ar bith (: "ní aireochthá an t-am ag imeacht", is minice adeirtear) / Chuaidh an múr thart = ní dhearna sé aon-bháisteach, ach go raibh gothadh báistighe air. B'fhéidir gurb í a chaitheamh leathtromach a rinne sé / Bhí an-dubhachan ann indiu, ach chuaidh an múr thart in a dheidh sin /[Chuaidh an gála sin thart an-éascaidh = níor bhain sé mórán as; ní raibh an gála i bhfad ar siubhal.]/ Teigheann na ráigeanna seo thart dubh-sciobtha, ach nach beag dhóib a ndonacht an fhad agus a mhaireas siad / Chuaidh an sinneán sin thart sáthach tréan, ach is gearr uaidh ceann eile / Fainic nach bhfuil an toirneach ag dul thart anois. Níl sí cho gártha agus a bhí sí míle buidheachas le Dia /[Chuaidh an slaghdán thart gan aon-tseadú a dhéanamh imbliana, agus ba bhreagh an chaoi é. Ach bhí an uair cineálta]/ Chuaidh an treoch sin thart ins an Earrach ach níor bhain sí aon-achar as na gasúir mar sin féin = bhí sí ann / Tá an bhruiththíneach ag dul thart = tá sí ann / [Tá "staggers" na muc sin ag dul thart, ní ag tabhairt ghutha orra é / Shílfeá go bhfuil an slaghdán bradach sin ag dul thart aríst. 'Sé an t-ath-shlaghdán aige anois é, agus a ghoirdeacht agus ó a bhí sé ann cheana]/ Níl aon-dul-isteach ann = ní féidir a dhul isteach ann / Ná bac len a dhul isteach ann, d'fhuireas -bhaidh cloiche. Tá an áit istigh beo le amhuis / Cé'n dula-amach atá air = costas (fc. amach agus dola) / Tá an ghealach ag dul amach go maith ins an oíche anois = bíonn gealach ann go mbíonn sé deireannach ins an oíche / Is fuide amach ins an oíche a ghabhfas an ghealach anocht ná aréir /[Is maith fada amach ins an mí seo chugainn a ghabhfas an ghealach seo. Níor tháinic sí go dtí dhá oíche ó shoin = mairfidh sí go mbeidh cuid mhaith de'n mí seo chugainn caithte]/ Is diabhlaí fada amach ins an mbliain atá an Inid ag dul imbliana. Beidh sé ionann agus ina lá Bealtaine shul a bhéas aon-Cháisc agad imbliana / Gabhfaidh an Chincís amach an-fhada ins an

samhradh, mar bhí an Inid deireannach / Chuaidh an droch-aimsir an-fhada amach ins an Samhradh imbliana. Beidh moill ar an bhfoghmhar, dhá réir / Gabhfaidh an rabharta seo amach ins an Márta / Níl aon-dhul isteach ann gan íocaidheacht = níl goir a dhul isteach ann / Níl aon-dhul siar air anois = caithfear seasamh leis an margadh nó leis an gconnradh / Má's ag iarraidh a dhul siar ar t'fhocal atá tú, níl aon-ghoir agad air. Tá fiainisí agam-sa /[Níl aon-dhul siar aige ar an margadh. Chuir sé éirnis innte]/ Dhá mbeadh a dhul siar agam ar m'fhocal anois, d'fhág -fainn annsin í, ach bheadh sé mór agam é sin a dhéanamh, agus é dhá choinneál dom ó mhaidin /[Is rud é an pósadh ó a dhéanfas tú é, nach bhfuil aon-dhul siar air. Mar sin bí ar t'áirdeall féin.]/ Níor ghoin m'aire mé nó nach raibh aon-dhul siar agam ar an scéal. Bhí sé mall an uair sin arsa tusa. Ach ní imreochar orm cho h-éascaidh aríst le congnamh Dé /[Dhá mbeadh a dhul siar agam air, ní cheannóchainn chor ar bith í, ach caithfidh mé a theacht léithe anois]/ Ar an gcéad-dul síos, ní mise is cionntaighe chor ar bith = ar an gcéad fhásc dhe = ar an gcéad iarraidh / Ar an gcéad dul síos, tuige ar bhac sé féin leatsa? Agus annsin tuige ar thosuigh sé ag gábhail a leithscéil? / [Well ar an gcéad-dul síos, ní bheadh an Ghearmáin coidhchin indon ag airgead Shasana, mara mbeadh ann ach sin. Nach ag Sasana atá ór an Domhain … Thug tú éitheach. 'Sé'n t-ór a ghnóthachas an cogadh. Ná h-innis domsa é!]//

Ar: ag dul ar … / Chuaidh sé ar fán / Cuaidh sé ar an bhfairrge (ar an gcriathrach, ar an gcnoc, ar an abhainn, ar an loch, ar an aonach, ar an mbainis, ar an tsochraide, ar an damhsa, ar an eirghe-amach, ar an gcúirt-mhíosa, ar an mbáire, ar an spraoi, ar an tórradh, ar an gcleamhnas, ar an mbaisteadh, ar an Achréidh, ar an sliabh, ar an bhfascadh, ar an leabaidh, ar an gcrann, ar an gclaidhe, ar an rothar, ar an mbus, ar an asal, ar an gcapall, ar an gcruaich, ar an teach, ar na áiléar, ar an gcloich, ar an gcathaoir, ar an mbord, ar an simléar, ar an oileán, ar an iargcúil, ar cúlráid, ar meath, agus rl.) / Chuaidh sé ar an abhainn (ar an loch) = ag iascach nó ag saghdadh / Chuaidh sé ar bhord soithigh / Chuaidh sé ar imirce / Chuaidh mé ar aistear (ar thuras, ar gheábh, ar ruaig, agus rl.) / Chuaidh sé ar bhád (ar luing, ar thraen) abhaile / Chuaidh sé ar aghaidh / Chuaidh sé ceann ar aghaidh go dtí é / Chuaidh sé ar gcúl / Is mór a chuaidh sé ar gcúl le goirid / Tá sé ag dul ar gcúl go mór anois / Tá an rabharta

ag dul ar gcúl ó indé (fc. ar gcúl) / Ní raibh a dhul ar aghaidh ná ar gcúl aige.

Bhí sé sáinnighthe / Ba fear i dteannta ceart mé. Ní raibh a dhul

ar gcúl nó ar aghaidh agam. Bhí mé greamuighthe do bhall na h-áite /

Rug sé i lár an aonaigh air, agus ní raibh a dhul ar a chúl ná ar a aghaidh aige, ach

é féin a choisint cho maith agus a d'fhéad sé / Deir tú leis a casadh orm i mbéal

an tseoil. Ní raibh a dhul ar mo chúl ná ar m'aghaidh agam ach seasamh

suas ag caint leis. Shíl mé go gcainnteochadh sé ar an lampa 'chuile phuínte,

ach dheamhan caintiú. Tharraing mé féin chuige é faoi dheireadh le neart

náire / D'fhastuigh sé ins an áit chontráilte mé: istigh i ngeáird (: yard)

Sh. D. Ní raibh a dhul ar mo chúl ná ar m'aghaidh agam. Bhí mé idir dhá theine Bhealtaine. Dhá dteighinn isteach ins an teach,

bhí cut crochta romham ann, agus dhá dteighinn amach doras an gheáird,

d'áiteochadh seisean mé. Ní raibh agam ach cur díom cho maith agus a d'fhéad

mé / Ní raibh a dhul ar mo chúl ná ar m'aghaidh agam nó go dtugainn gealladh dhó

go ngabhfainn ar chuairt aige. Chuaidh sé go bog agus go cruaidh orm, agus dubhairt mé go

ngabhfainn, ins an deireadh /[Dhá mbeadh a dhul ar mo chúl ná ar m'aghaidh agam

ní sheasfainn ag caint leis chor ar bith, ach ní raibh. Rug sé thall orm, agus ní

raibh aon-ghoir agam imeacht uaidh]/ Is beag an baoghal a bheadh ar A. cluais

ar bith a thabhairt dó, marach gur aimsigh sé é istigh, agus nach raibh a dhul ar a chúl

ná ar a aghaidh aige. Ach dheamhan mórán áird a thug A. ar a chuid sprus-chainte //

Chuaidh sé uirre = rinne sé í = rinne sé coimhriachtan le bean / Tá sé ag dul uirre

istigh / Shíl sé a dhul (suas) uirre as cosa idtaca / Ní dheachaidh sé sin ar aon-bhean

ariamh / Chuaidh sé ar an gcraiceann aice = chuaidh sé uirre / Is maith gasta

a ghabhfadh sé sin ar an gcraiceann aice anois, dá bhfaghadh sé ugach ar

bith. / Tá tú ag iarraidh a dhul orm = tá tú ag iarraidh a dhul i scath

leith orm = tá tú ag iarraidh a dhul i gcois dá leith orm = ag iarraidh

imirteas orm; a dhul ag séideadh fúm, nó ag magadh fúm / Chuaidh sí

air ceart, má chreid sé é sin. Diabhal bréag nach ndeachaidh / Is maith an

t-údar thú, go dtugann tú cead de 'chuile dhuine a dhul ort agus

amadáinín a dhéanamh dhíot mar sin. Nach raibh a fhios agad nach

raibh sé ach ag iarraidh a raibh agad a mhealladh uait /[Is maith éascaidh

a rachadh sé sin suas ar dhuine, dhá dtugadh sé aon-áird air. Tá sé sin

cho críonna le na luchain agus cho h-imeartha le fear na méaracán]/ Is

maith nach mór duit a bheith ar do mhaidí, nó gabhfaidh an dream sin suas

ort. Is cuma leo sin é, ach bearradh a bhaint díot, agus cead an diabhail a bheith

agad annsin. Tá sean-aithne agamsa orra sin / Ní hé is measa ach thú

fhéin a thug cead dó a dhul ort. Is beag dhá chuid cluanaidheacht sin an obair sin. Ní mór dhuit a bheith ar t'áirdeall fhéin má's leat cor ar an gcor a thabhairt dó sin // Is daor a chuaidh an troid orm / Chuaidh an leitir sin daor go leor air. [Dar príosta ní fiú leitir ar bith dhá chéad punt. Múinfidh sin é céard adéarfas sé arís t. Beirtear ar adharca ar na ba adeir siad, ach ar theanga ar na daoine]/ Chuaidh an craiceann daor go leor air: trí bliana i bpríosún. Fuaróchaidh sé tamall dhá fhuireasbhaidh anois, muis / Má chaitheann tú an chloch sin, gabhfaidh sí daor ort / Chuaidh an deoch ormsa = b'éigean domsa deoch a ghlaodhach nó a íoc / Bhí siad fhéin ag comártas le chéile, ach chuaidh an deoch orm féin as a dheireadh / Níl a fhios agam féin leisce na bréige an ag ealadhain a bhí sé, nó an raibh sé ar meisce dháiríre, ach tá a fhios agam ar chaoi ar bith go ndeachaidh a chion de'n bhus ormsa = díolaidheacht / Le scéal fada a dhéanamh gearr, chuaidh an costas uilig ormsa. Pé'r bith cé a ólfas é, 'sé Domhnall a íocfas é, arsa tusa / Chuaidh deich gclocha airsean, ach ormsa a chuaidh an dá chéad. [Níor tholgán ar bith dhom a iomchar dhá mbeadh aon-deis agam air, ach ní raibh. Fear sioncuighthe (seangthuighthe) a bhí ionn-am agus mé ins an mbaile]/ Cé air a ndeachaidh an carr. Ormsa. 'D'eile. Síleann siad seo eile go bhfuair mise ciste in áit eicint: nach bhfuil tús ná deireadh le mo chuid airgid = mise ab éigin an carr a íoc / Gabhfaidh luach an bhéilí anois air, nó is cinneamhaint orainne é. [Is beag a aireochas sé é. Tá dalladh airgid aige]/ Chuaidh tromlach an ualaigh ar mo chapall-sa, agus má chuaidh féin, is uirre nach raibh an mhairg a iomchar. / Teigheann tonna go leith uirre 'chuile lá a mbíonn sé inG. ag carraeracht, aindeoin nach bhfaghann sí len ithe uaidh ach cuid an bheagáin // Chuaidh an milleán uilig air, th'éis nach ndearna sé tada / Gabhfaidh an locht ar fad ar Sheáinín. Tá a fhios aca go bhfuil sé an-ámhuilleach / Chuaidh an crann ormsa = is mise a bhí leis an rud a dhéanamh, nó is mise a chaill an chreach agus rl. / Chuaidh éagcóir air. Ní raibh aon-láimh aige ariamh ann = rinneadh éagcóir air; dubhradh rud leis ins an éagcóir / Chuaidh dlí air faoi = cuireadh dlí air ingeall air / Teigheann an trom-trom air i gcomhnaí faoi 'chuile nídh = an milleán / Teigheann an milleán air go minic agus gan é tuillte aige // Chuaidh faitíos air = cuireadh faitíos air; Chonnaic sé rud eicínt ab údar faitíos dó / Chuaidh faitíos ormsa cheana ins an áit cheanann chéadna sin. Oíche dhá raibh mé ag teacht ó chuairt … / An uair deireadh a raibh sé annseo chuaidh faitíos air. Fuagruigheadh

air, dá gcloistí ag glaodhmaireacht ins na bólaí seo arís é, go mbeadh scéal aige air / Gabhfaidh scanradh ar chapall Sh. má fheiceann sí an striochlán d'fhear bréige sin ar shúil an bhóithrín roimpe. Deasuigh isteach píosa eile ins an ngort é / Chuaidh scanradh orm nuair a chuala mé an gleo, go mb'fhéidir go mbadh í an óinseamhlacht a bhí dhá bhualadh seo thíos arís / Chuaidh olc air indiu. [Ní thaobhóchaidh sé muid arís go ceann tamaill]/ Níl aon-uair ins an aer, dhá dteagann sé ag cuartaidheacht annseo nach dteigheann fearg air.
Tosuigheann na gearr-bhodaigh ag sáruidheacht leis / Chuaidh múisiam eicínt air muis agus é a theacht abhaile cho luath seo. [Meán-oíche na gcártaí a am 'chuile oíche]/ Fuaidh scóthas air agus gan é a dhul go teach / Chuaidh codladh air le buille an oíche cheana. Bhí a raibh ins an teach briste aige / Chuaidh fonn air imeacht, leis an gcoireamh -aint a rinneadh ar an dream thiar. [Marach sin, ba lib é go maidin = tháinic fonn imeachta air de bharr nachar thaithnigh an chaint leis]/ Rachaidh scáth air, má fheiceann sé an triúr agaibh, agus ní thiocfaidh sé isteach / Chuaidh náire air, nuair a chonnaic sé an mháthair ag dul i gcoinne na bhfataí, agus ghread leis é féin ann / Ní dheachaidh aon-aithmhéala air ariamh nó go bhfacaidh sé mise dhá h-árdú liom. Annsin a bhí sé líomhtha ceart ag a dhul in éindigh léithe / Ní dheacha áird ar bith air ann = níor tugadh aon-áird air; níor cuireadh aon-chumaoin air / Ní ghabhfadh aon-araoid ar dhuine ann, dhá gcaitheadh sé dhá lá a shaoghail ann, ach é féin a bheith lághach fheilmheanach. Ach ní hé 'chuile dhuine atá mar sin / Chuaidh mo dhóthain araoid' orm; clocha a chaitheamh liom / Mara ndeachaidh aon-araoid orm, ní dheachaidh aon-chumaoin orm ach an oiread / Gabhfaidh cumaoin ort, má theigheann tú isteach chuig T. Mhac C. / Chuaidh eascainí air = cuireadh eascainí air / Chuaidh imní orm faoi nach raibh sé ag teacht agus é an seacht a chlog / Chuaidh buile orm nuair a chonnaic mé an cleas a bhí sé a dhéanamh // Chuaidh sé ar an ól = thosuigh sé ag ól as éadan; rinne sé ráig óil a mhair scathamh maith nó scathamh réasúnta / Níl le déanamh ag duine ach a dhul ar an ól 'nuair a fheicfeas sé rud de'n tsórt sin /[Is furasta leis an gceann céadna a dhul ar an ól. Is beag an t-ugach is call dó]/[Gabhfaidh sé ar an ól anocht go siúrailte. Annsin atá sé ag dul anois / Má theighimse ar an ól, ní fheicfidh sib mé go ceann coicíse. Bainim coicís as i gcomhnaí — ar a laghad ar bith]/ An uair a bhí a (: ar) ndóthain pórtair ólta againn, chuaidh muid ar phoitín, agus is beag bídeach nachar chaill sé muid = athrú ó rud go dtí rud eile, nó tosuighe ar rud / Níl aon-ghnatha agad a dhul ar fuisce anois, nó cuirfidh tú droch-chaoi ort féin. Ní theag-

an dá ól sin le chéile / Gabhfaidh mé ar fuisce sílim. Ní fhaghaim aon-
tsásamh ar an bpórtar sin. Tá sé rodtha / B'éigin duinn a dhul ar
na buillí = bádóirí nuair a bheadh an ghaoth gann orra, nó gan aon-
leide córach aca, chaithfidís a dhul ar na maidí rámha / Teigheadh muid
ar na maidí rámha. Níl flam as aer / Bhí orainn a dhul ar iomramh
(ū:ʍrə) th'éis ar ndichill. Marach go ndeachaidh, bheadh muid ar an
bhfairrge fós. Bhí sé in a lagar chríochnuighthe / Shílfeá go ndeachaidh
sé ar an ragairne ar fad le goirid. / Chuaidh sé ar dhrabhlás an
t-am a bhfuair a bhean bás, [agus níor fhága sé bonn bán air féin. An
céad rud eile tháinic an sirriam air …]/ Caithfidh muid a dhul ar
chúrsaí sílim. Tá sí an-ghártha (fc. cúrsaí) / Beidh mé ag dul
ar an bhfeamainn dearg ambáireach / Measaim go ngabhfaidh mé ar iasc.
Tá mé gránuighthe ar an bhfeoil = athrú go dtí iasc / An mbeidh tú ag dul ar na
ronnaigh indiu = ag iascach ronnach / Ba mhaith an lá é le dhul ar na faidhtíní = a
dhul ag iascach faidhtíní / Níor thaithnigh na bradáin leis. Chuaidh sé ar na
mangaigh! Is fhearr leis an sáile ná an fíor-uisce go ceann tamaill /
Chuaidh sé ar na mná aríst = bhí sé eirighthe asta tamall /
Tá sé ag dul ar chríonnacht faoi dheire thiar thall, agus bhí sé in am sin aige.
Chaith sé sáthach fada le dícéille / Má's leat a dhul ar chríonnacht coidhchin, tá
sé in am agad feasta / Mara n-eirighidh leis ar an gcaoi sin, gabhfaidh sé ar
ealadhain agus meallfaidh sé uaidh é. Ní bheadh an diabhal suas leis sin / Ní
dhéanfaidh tú le spreacadh é. [Ní mór a dhul ar stúaim leis an mbuachaill seo.
Cé'n chaoi ar lúb sé cho mór sin é?]/ Teirigh ar stuaim leis. Is fearr stuaim ná
neart. /[Caithfidh tú a dhul ar stuaim le bean cho maith le 'chuile shórt eile. Má
bhíonn tú danra léithe, ní bhainfidh tú ceart ar bith di]/ Níl agad ach a dhul ar
drochmhúineadh leis. Scanróchaidh sin é. Tá sé an-scáthmhar / Ní éistfeadh sé beag
ná mór liom ach a dhul ar dhroch-mhúineadh ar an toirt, agus tosuighe ag rádh go
mbainfeadh sé na scairteachaí asam, dhá ndéanainn a leithide de rud a shamh-
ailt aríst leis / 'Nuair a chinnfeas air le scaimhléaracht, rachaidh sé ar bhladar
leat, agus féachfaidh sé le cur faoi ndeara dhuit a dhéanamh le spleádhchas.
Ach na géill dó, ar a bhfaca tú ariamh / Ní dheachaidh sé ar bhladar liom
dubh bán ná dubh buidhe mar bhí a fhios aige féin nachar ghar é. / Níl samhaoine
ar bith a dhul ar achrann. Is fhearr a bheith cho mín agus a fhéadfas muid, nó go
bhfeicidh muid linn. Má bhíonn sé féin daoitheamhail, níl aon-dochar a bheith
ag leigean corr bhíor faoi annsin / Mara bhfeilidh an fhírinne, 'ar ndú mo léan, is

air nach bhfuil a mhairg a dhul ar bhréaga. Cú réidh (có-réidh) leis an bhréag agus an fhírinne / Tá an saoghal ag dul ar bhréaga ar fad thar agus mar a bhíodh sé fadó, ach is cóir adeir siad: 'chuile líne ag dul 'un míne agus 'un bréige / Is deas é, an tráth seo dhá shaoghal, a dhul ar dhícéille. Nach bhfuil sé siúd suas agus anuas le aois an phinsean / Ní raibh aon-bhuachaill óg faoi'n mbogha bán ba chríona ná é sin, ach chuaidh sé ar dhícéille uiliog le scatham / B'éigin dom a dhul ar réidhteach leis. Ní raibh maith ar bith scliúchas troda a tharraint /[Chuaidh sé ar réidhteach liom nuair a chonnaic sé go raibh mise cho líomhtha ag achrann agus a bhí sé féin / Gabhfaidh mise ar achrann leis, má fhaghaim aon-fhocal uaidh]/ Is éascaidh leis an gceann céadna a dhul ar achrann. Ní mórán údair a gheobhas sé nuair a bhéas sé in a choileaichín / Teirigh ar lághaidheacht leis. 'Sé an beart is fhearr é sílim. Ní bhréagfaidh tú go deo é le droch-mhúineadh / Chuaidh sí ar choimhigheas liom ar fad ó'n oíche sin, té (: cé) nachar dhubhairt mé aon-cheo léithe, ná a dhath. Seachnuigheann sí anois mé i gcomhnaí /[Rinne sé obair shlachtar an fhad agus a chaith sé leis, ach ar an dá luath ar thosuigh sé ag dul ar éascaidheacht, níor chuir sé cuma na muice air uaidh sin amach. Ag santú an airgid a bhí sé]/ Is maoilscríobach an chaoi a chuir sé ar an gcruaich sin. Chuaidh sé ar éascaidh-eacht léithe / Tá siad suaímneach go leor fós, le coimhigheas romhatsa, ach ní bheidh sé i bhfad anois go dteighidh siad ar ámhuilleacht. Is deacair seasamh leo scaithtí, ach chreidim gurb shin é ceird páistí i gcomhnaí / Mara leigidh sib dom rachaidh mé ar mhillteanas, agus brisfidh mé a bhfuil ann / Teigheann sé ag an Aifreann 'chuile mhaidin ó a phós sé. [Tá sé ag dul ar naomhaidheacht ar fad anois, marab í an bhean a d'athruigh é]/ Fear ar bith nach bhfuil aon-bhuille oibre aige, ní bheadh beart ar bith ab fhearr dó ná fáisceadh suas go Baile Átha Cliath agus a dhul ar ghadaidheacht ann. Níl a fhios céard atá daoine a bhalú ann le goid. Bíonn na páipéir fré chéile faoi laetheantaí / Má theigheann tú ar chneamhaireacht ná ar imeartas anois, is maith gasta a ghabhfas do láimh i bpaca annseo / Chuaidh mé ar cheilt as éadan indeireadh na h-oíche, agus diabhal duine ná deoraidhe a bhraith mé in a dheidh sin / Ba mhaith speidheartha an mac é tamall, ach chuaidh sé ar mhíneadas, ó a thuit an aois air. Ní mhaireann an rith maith do'n each igcomhnaí, 'ar ndú' /[Eirigh as an gcaint sin anois. Is mór an ghráin é seo thall má theigheann sé ar ghársamhlacht, agus ní mórán tsiocair a bhíos uaidh]/ Gabhfaidh mé ar ghréasaidheacht anois scathamh ó a tháinic an lá fliuch. Tá cupla péire sean-bhróg annsin a dteastóchadh caoi go géar uatha / D'eirigh sé as an scoil ar fad agus chuaidh sé ar thalmhaidheacht.

Deir sé féin gur mó atá dhá bhárr aige, ná de bharr na scoile. / Thug sé suas an talamh ar fad agus chuaidh sé ar shiúinéaracht. Tá sé ag fáil cuimse tráchta / Ó thárla an mhóin a bheith craptha rachaidh mé ar iascach anois scathamh / Shílfeá go bhfuil an bocaileáth seo thíos ag dul ar sceaimhínteacht ar fad. [Sin é an chaoi a mbíonn sé i gcomhnaí nuair a eirigheas an t-ól i stuaic na mbacach]/ D'eirigh sé as an ropaireacht annsin agus chuaidh sé ar chaitheamh na gcloch. [D'eirigh Dia le S. nachar dhonuigh sé é. Chuaidh cupla liagán réasúnta amach leis an gcluais aige = thosuigh sé ag caitheamh cloch; d'áitigh air ag caitheamh cloch]/ An uair a theigheas sé ar ithe na bhfataí, is deacair a dhóthain a thabhairt dó / Shuidh sé síos agus chuaidh sé ar ithe na feola, nó gur ith sé díol deichneabhar di / Má theigheann sé seo ar imirt chártaí, ní eireochaidh sé asta go maidin. /[Má theigheann tú ar ól an phoitín anois ní maith an dóigh dhuit é. Tá a' gceart againn cheana. Níl aon-mhaith dhuinn únlaoighis (: ionlaoighis) phocaide a bheith in a' (: ar) mbolg ag dul abhaile / Má theigheann fear an chúinne ar rádh an phaidrín, déanfaidh sé rann di mar a rinne Áine de'n fhaoistean. Ní bheidh deireadh leis go maidin / Chuaidh siad ar chur na bhfataí annsin, ach ní raibh dhá iomaire curtha aca trathnóna]/ Má ghabhann tú ar dheasú an "bhicycle", ní bheidh críoch -nuighthe dhíot, go mbeidh an dubh ar an oíche / Nach mb'fhearr dhuinn a dhul ar leagan na mbruachannaí anois. Ní bheidh siad romhainn / Tá sé luath fós a dhul ar bhaint an choirce. Is beag le indéis atá sé fós / Th'éis a' (: ar) ndinnéir, ghabhamar ar scaradh na feamainne agus ní mó ná réidh a bhí muid trathnóna deireannach /[Dhá dteigheadh sib ar cháthadh an ghráinne coirce sin nuair a d'eirigh an braos (: breeze), bheadh sé dhaoib anois agaibh, ach tá sib an-tsiléigeach]/ Dhá dteighidís ar bhaint na móna an uair sin, bheadh sí tirm anois. Bhí breith ar an lánú. Is minic ariamh nach -ar lánuigh muid iad go mbeadh an Bhealtaine amuigh, agus níor dhonaide sin muid / Má theighimse ar bhualadh an mhuintir anoir, beidh cuímne air, beidh sin / Faigh leat anois! Cuirfidh mé geall leat go ngabhfaidh sé ar ghearradh fiacal le neart droch-mhúineadh / Níl gnatha ar bith agad a dhul ar léigheamh an pháipéir anois. Beidh breith mhaith agad air sin. Teirigh i gcoinne na mbeithidheach idtosach /[Ní bheadh ann ach diomallú dhom a dhul ar bhiorrú claidheachaí anois. Seo í an mhí dhubh, agus níl solamar ar bith ag beithidheach a ghabhfas i mbradghail. Fágfaidh mé mar sin iad go dtí tús féir]/ 'Chuile uair dhá dteighinn ar árdú na cloiche, theagadh driog annsin in mo ghualainn. B'éigin dom leigean di as a dheireadh /

Chuaidh sé ar dhamhsa aréir rud nach bhfaca mé a dhéanamh ariamh cheana é. Braon a bhí ar bord aige is dóigh = thosuigh sé ag damhsa / Má theigheann sé ar amhráin anois, do cheann finne ní stopfaidh é / h-Eirigheadh as an damhsa ar fad agus chuaidh an teach ar amhráin / Gabhfaidh sé ar triomach anois, agus cidh Dia go bhfuil sé in a am sin aige = tiocfaidh triomach anois. Stopfaidh an droch-uair /[Chaith sé go leor báistighe as gaoith aniar, agus chuaidh sé ar shioc annsin / Tá sé ag dul ar chlaochmú déarfainn. Má seadh féin, ní dhéanfaidh an tuairt shneachta sin lá dochair]/ Is cosamhail le uair í a bheadh ag brath air a dhul ar ghairbhthean. Nar chomhnuighidh sí go dteighidh, le faitíos nach bhfuair muid a' (: ar) ndóthain gairbhthin le bliain! Ní fhéadfadh sé an anna sin féin a thabhairt uaidh faoi shásamh /[B'aisteach an bhliain í sin. Bhí spalpadh ann ó Lá Bealtaine go dtí Lá Fheil Shan Seáin, agus chuaidh sé ar ghála annsin: gaothtalach bhradach as gaoith aniar adtuaidh. Bhí garrdha an tS. curtha agam faoi fhataí an bhliain chéadna, agus ní raibh barrann ag gabhail leis nach raibh scurtha an chéad-tseachtain de "July"]/ Dhá dteigheadh sé ar ghlasreodh beag seaca anois — glasreodh beag mín — b'fhearr -diú an uair é, thálta (: ó thárla) nach bhféadfadh sé aon-dochar a dhéan-amh / Ná bac le bliain ar bith a bhfeicfidh tú ag dul ar shioc faoi Bhealtaine é. Tá maith na bliana sin ar iarraidh. Níl 'fhios agam nach mb'fhéidir go srianfadh an cur óg thríd, ach tá an sean-chur dóighte ar fad, áit ar bith a raibh sé thrídh thalamh / Níl fhios agam nach oíche í atá ag dul ar bháistigh. Is furasta 'aithinte. Bhí an lá indiu ag tarraint ar fad /[Tá sé ag dul ar ghaoith andeas. Sin claochmú go siúrailte. Má ghníonn sé báisteach aisti seo, ní fheicfidh tú oiread agus puintín bioráin de'n tsneachta ar an talamh an t-am seo ambáireach.]/ Is geall le lá é a ghabhfadh ar thoirn-each. Tá na cupla lá seo anois an-mharbhthánta, an-uaibhreach / Ní thaithnigheann liom é a dhul ar na sinneáin seo aríst. Shílfeá go raibh aithdeala breagh aige le scathamh, ach níl an stoirm caithte fós /[Shíl mé nach rachadh sé ar na séideogaí seo aríst go ceann tamaill. Ach bhí saighneáin ann ar ball, agus tá sé ag caitheamh corr-scail feoithin. Tiubharfaidh sé an ghealach seo uaidh anois. Cá'id go mbeidh sí caithte. Níor cheart di mórán achair a bheith uirre anois. Ní raibh ann ach tóin-ghealach trí nó ceathair d'oicheanntaí ó shoin 'nuair a d'eirigh mé ag breathnú ar an mbó]/ Is diachta dhó nach ngabhfadh ar aimsir bhreagh feasta. Tá sé ar an uair mhóir seo anois sáthach fada, ní ag ceasacht ar Dhia é // Chuaidh sé ar a dhicheall leis an gcloch a bhriseadh = thosuigh

sé ag déanamh a dhichill / Má teigheann tú ar do mhine-ghéire, beidh sé réidh agad trathnóna / Dhá dteighinn ar mo neart ar fad, thiubharfainn talamh dhó sílim, ach ní dheachas / Chuaidh sé ar a dhíocas ceart in a h-éadan = fear ag dul ag obair go dúthrachtach; fear in éadan mná; tarbh in éadan bó a bheadh faoi dháir agus rl. /[Má theigheann sé siúd ar a dhíocas in éadan na gcloch, réidhteochaidh sé an chora sin thíos ag an gcladach, ní áirighim clochairín de'n tsórt sin]/ Níl rud ar bith dá mbíonn sé a dhéanamh nach dteigheann sé ar a dhíocas leis, má's ag feadghail féin é / Chuaidh sé ar a mhiotal in a éadan = cho maith agus a bhí sé indon; an oiread agus a bhí sé indon a dheanamh // Chuaidh iallach air an liathróid a thabhairt ar ais = cuireadh faoi ndeara dhó agus rl. /[Tá an scéal ceart mar dteighidh iallach air a dhul ag an scoil aríst. Tá siad ag rádh nach bhfuil sé cheithre bliana déag fós]/ Chuaidh fainic eicínt air, 'nuair nach bhfuil sé dhá tógáil indiu. / Dhá dteigheadh pearúl faoi chéad air gan labhairt ar rud, is aon-mhaith amháin é, in a dheidh sin. Labhairfidh sé air, is cuma cé'n pearúl a ghabhfas air / Chuaidh aithne air, gan aon-cheo a thabhairt len ithe do'n bhó, ach 'ar ndú' mo chreach, ní raibh sí in a bolgán béice ariamh go dtí an oíche sin le féar tirm. Bhí a shliocht air: bhí sé gan bó, faoi cheann trí lá // Bhí an deirbhshiúr ag iarraidh an talamh a cheannacht, ach chuaidh mac Ph. Ch. seo thoir in a bhéal uirre. Chuir sé scór eile é, agus fuair sé é. Níl aon-fhear beo ach túatachán críochnuighthe a ghabhfadh in a bhéal uirre = [chuaidh sé in a bhéal uirre = níor fhága sé an margadh fúithe-se, ach d'fhéach sé féin leis an talamh a cheannacht / Níl duine ar bith ag dul in a bharr ort. Croch leat í. Dheamhan mórán éadáil í ag aonduine, agus is furasta duinn mná a fháil thairti = níl muid ag iarraidh a tabhairt uait; bíodh sí agad féin / [Seol leat. Tóig do cúig. Ní rachaidh mise in a bharr ort = ní imreochaidh mé cárta i gcruth agus go bhféachfaidh mé leis an gcúig a thógáil dom féin]/ Breagh nach dtóigeann sé í. Nach bhfuil feamainn an chladaigh faoi fhéin aige. Ní fheicimse go bhfuil duine ar bith ag dul in a béal air // Bhí dul orra = bhí ag dul orra = bhí buadh dhá bhreith orra = bhíodar dhá gclaoidheadh /[Tá ag dul ort a mhic ó. Níl tú indon ag an "bhfeoil chapaill". Má tá sí roighin féin, chuirfeadh sleaghdóir maith aníos í. Sin iad na mná anois agad. Tá tú sceithte ar fad orra]/ Tá faitíos orm go bhfuil dul air. Ní dhéanfaidh sé aon-chúis anois. Tá an iomarca aois air, ar aon-chor / Ceal nach bhfuil de rath leat ach sin a

fhleascaigh, th'éis an aire atá mé a thabhairt duit. Tá dul ort.
Déanfaidh malrachán a bhfuil dhá bhliain agad air puca dhíot,
déanfaidh sin /[Bhí ag dul ar na báireoirí se'againne go dtí an
leathuair deireadh, ach annsin bheodhuigh siad suas; agus bhuail siad
an dream eile.]/ Chreidim go bhfuil ag dul ar na Gearmánaigh
bochta. Diabhal neart aca air. Is mór an seasamh aca é agus iad
frén a chéile in a n-éadan. Ach níl tada le reic ag na Sasanaigh
ná na Meiriocánaigh fós, léar (: de réir) mar chloisim / Bhí dul
orm, agus bhí a fhios agam go maith go raibh. [Ní raibh a fhios agam ó
neamh go néal céard a ab fhearr dom a dhéanamh. Dhá bhfaghadh sé
ar an talamh mé, ní fhágfadh sé aon-chnáimh in mo chorp gan
leonadh. Dheamhan easna dhíom nach ndeachaidh i muinín mo chroidhe agus mo
cruite, ag iarraidh mé féin a bhaint as greim. Agus bhaineas. Seo
liom siar indiaidh mo chúil. Thug mé cor. Chuaidh seisean tharm amach
de rithte reathach. Níor liom féin ab fhaillighe é. Tarraingighim
mo sean-chic air — isteach annsin ar an gceathramhadh …]/ Tá ag
dul orainn ins an gcluiche seo. Biorruigh amach. Níl muid ach deich agus tá
siad seo eile fiche. Caith cíonán asta thú féin / Bhí ag dul ormsa nó go raibh
seisean chúig cinn déag. Annsin fuair mise láimh istigh, agus ní dheachaidh mo
láimh amach aríst, gur rinne (: go ndeárna) mé sé cinn déag aisti. Ghnoth
-uigh mé air ina dheidh sin [báire binne] / B'fhada an scathamh go raibh
dul againn ar an mbeirt eile = gur bhuachamar orra; go raibh siad buailte
againn / Níl aon-dul aige ar mo mhadadh-sa fós, má tá sé in-íochtar féin.
Fág in a chéile iad go ceann scathamh eile /[Dhá mbeadh an bheirt ag caruidheacht
ó shoin, ní bheadh dul ag ceachtar aca ar an gceann eile]/ B'fhada an
t-achar a bhí siad ag "bacsáil" shul má bhí dul ag S. ar
T. an T. Ach níor sheas an anáil do T. Ba geall le tarbh é ins
an deireadh leis an séideán a bhí ann / Bhí dul ag céadtach ar
'chuile ghaiscidheach dhár casadh leis ariamh /[Marach an buille feill ní
bheadh aon-dul aige orm ó shoin, ach is furasta do dhuine dul a bheith aige ar
duine eile má dhonuigheann sé ar an gcaoi sin é]/ Diabhal dul ag an gcú ar
an ngirrfhiadh fós th'éis an choráil atá aice air. Má bheireann sé soir ar
na h-eascaidheachaí, beidh sí as / Is maith an tamall de lá a chaith an easóig
leis an gcoinín shul a bhí dul aice air. Ach criog sí é ins an deireadh,
in a dheidh sin. Fágann sí an coinín ag tabhairt na gcor i gcomhnaí, dhá

gcaitheadh sí lá fada samhraidh leis / Ba snámhóir thar cionn é, ach bhí dul ag an bhfairrge air in a dheidh sin. Nach iomdha geábh mór a shnámh sé ariamh go ndéanaidh Dia grásta air! / Tá scráib-neart ann gan bhréag ar bith, ach tá dul ag fear na h-áite thiar air, mar sin féin. Is diabhlaí an fatach é an fear thiar. Corránach ceart d'fhear é /[Beidh dul againn orra, má ghlacann muid stuaim leo, agus gan muid féin a mharbhú ins an gcéad leath-uair. Sin é an rud a d'fhága dul aca sin ar mhuintir Mh. Dé Domhnaigh seo caithte. Ná bíodh scáth ar bith oraibh a dhul fútha, agus fanuigheadh 'chuile dhuine ar a thaigridheacht féin. Níl aon-mhaith a bheith ag leanacht na liathróide ar fud an páirce. Diabh -al a dhath / Tá dul agam ort anois dhá fhad go dtí é. Tiubharfaidh mé fút garbh anois é. Iarr párdún, nó criogfaidh mé thú. Seo iarr párdún]/ Nuair a bhí dul ag an nGaiscidheach ar an bhfatach, d'iarr an fathach cara agus coimrighe air. "A ghaiscidhigh is fhearr dhá'r rugadh ariamh" adeir sé "leig mo cheann agus mo chamán beatha liom, agus tiubharfaidh mé dhuit a bhfuil tú a iarraidh" / Chuaidh ag an bhfonn ar an bhfaitíos air = dhá mhéad faitíos dhá raibh air roimh rud eicínt a dhéanamh, bhí ní ba mhó ná sin d'fhonn air a dhéanamh, agus rinne sé é aindeoin an fhaitís / Chaith sé an oíche ag forcabhás uirre, agus thob ann agus thob as aige, ach ní leigfeadh an faitíos do drannadh léithe in a dheidh sin. Bhí an oíche dhá chaitheamh agus gan an mhaith dhá dhéanamh, nó gur thosuigh an bhainis ag scaipeadh ins an deireadh. Tháinig an jug timcheall agus d'ól sé dhá ghloine as. Annsin chuaidh ag an bhfonn ar an bhfaitíos air, agus anonn leis gur bhuail sé bleid uirre … / Is dona an fear thú feasta choidhchin. Bhí fonn ort a dhul isteach go bhfeicfeá céard a bhí ann, ach ní dheachaidh ag an bhfonn ar an bhfaitíos ort in a dheidh sin. Dhá mbeadh diabhail Ifrinn ann frén a chéile, ní bhacfaidís mise gan a dhul isteach dhá gcaithinn in mo cheann é. Ba bheag an baoghal / Chuaidh ag an ngáire ar an ngol air 'nuair a chonnaic sé an ceann eile dhá bhualadh freisin / Chuaidh ag an Sasanach ar an nGearmánach ins an gcogadh deireadh, agus is cosamhail gurb amhlaidh a bhéas sé anois freisin. [Beannacht Dé dhuit! Tá easarlaidheacht eicínt ag Sasana nach féidir a bualadh. Ní féidir muis]/ Nach ndeachaidh ag an gCondae seo ar Chiarraidhe anuiridh ins an "bhFootball". Tá buachaillí maith ins an gCondae seo féin fós / Bíodh ciall agad! Chuaidh ag Debhelera ar an gCoscarach le trí nó ceathair de "turnachaí" anois, agus ná ceap thusa go bhfuil dream ar bith eile indon cinneamhaint ar Debhelera. Níl muis agus ní bheidh le congnamh Dé / Chuaidh ag an ocras ar an náire, agus bhuail mé isteach idteach i leathtaobh an bhóthair

agus d'iarr mé greim bidh in onóir Dé. "Níl aon-ghreim cháca bruithte ins an teach" adeir suaróigín bheag a bhí ann / Aindeoin cho mór agus atá sé léithe, ní chaithfeadh sé cianóig ruadh uirre. Bhí sé inG. annseo lá agus thug sé isteach i dteach bidh í. "Cé mhéad a thiocfas dhá dhinnéar orm" adeir sé leis an gcailín. "Coróin" adeir sí. "Agus dhá chupán tae" adeir sé, "leath-choróin" adeir sise. Shiubh -ail sé amach aríst. Ní leigfeadh an crádhas croidhe dhó dhá chupán tae féin a seasamh. Nuair a chuaidh an crudh ar an tairnge, chuaidh ag an gcruas ar an ngrádh airsean. Is fadó dhó a shaoghal ar chuma ar bith agus an cion atá ar an airgead aige // Is gearr le dhul air cupla scilling = ní sheasfaidh sí i bhfad dó; [Ní mór dó cuid mhaith le cois cupla scilling len a dhola a dhíol] Tá chúig phunt ag teacht isteach ann in éadan na seachtaine ach cá'id le dhul ar an teach sin chúig phunt agus a bhfuil de mhuirín ann. Nach bhfuil dhá-réag agus píobaire ann bail ó Dhia agus ó Mhuire orra! / Ara cá'id le dhul puintín gágach. [Seas suas in aghaidh cuntar ósta agus nach maith an poll a chuirfeas tú ann le do thart a choisceadh, ní áirighim thú a chur ar misce]/ Nach gearr a chuaidh mo cháca air. Bhí sé ithte aige ar ionntú an tsuip. Tá sé siúd ag fáil ángair (: amhgair). Sin nó tá collach goile air nó rud eicínt nach bhfuil ceart. / Dar príosta is gearr le dhul ormsa dhá unsa tobac má's é díol mo sheachtaine é. [Dhá bhfaghainn trí unsa féin, ní bheadh mórán le reic aca / Ba ghearr le dhul air siúd bairille pórtair ar a aghaidh féin. Tá méadail an phórtair aige]/ Is gearr a rachas an teirgéis tae atá muid a fháil ar an teach seo. Ní ghabhfaidh sé achar ar bith. Nach ar tae a bhí na daoine ag maireachtáil / Shílfeá muis go raibh muide ag fáil foracún maith tae ingeall ar na páistí, ach ba ghearr a theigheadh sé in a dheidh sin. An uair a thugas daoine d'fhaisean dóib fhéin a bheith ag caitheamh síos scallach dó (: dhe) 'chuile ré solais, bíonn siad thart dhá fhuireasbhaidh nuair nach bhféadann siad a fháil /[Ba ghearr le dhul ar an gceann céadna deich bpunt ins an tseachtain dá mbeadh sé dhá fháil. Tá sé an-drabhlásach. Cheapfainn nachar shábhail sé leithphighinn ariamh dhár shaothruigh sé]/ Tá riar maith talmhana againn, ach cé'n t-achar le dhul é ar a bhfuil de bheithidhigh againn, agus ar a ndéanann muid de chur. Bíonn cur mór againn i gcomhnaí / Tá an-údhachta in a diaidh, ach is gearr goirid a ghabhfas sí ar a bhfuil de sclamhairí annsiúd dhá h-iarraidh / Tá cupla punt agam, ach ní mór suidhe in a bhun ceart, arae is gearr le dhul é = ní sheasfaidh sé i bhfad / Tá cupla coca féir agam ach is gearr le dhul iad, agus a bhfuil ag faire orra / Maidir len a bhfuil d'fheamainn dubh

againn imbliana, cáid le dhul í, má's linn na trí gharrdha sin thuas a chur / Is gearr le dhul Seán ormsa = ní sheasfaidh sé achar ar bith dom; buailfidh mé idtroid é gan stró ar bith / Tá an F. láidir, ach cá'id le dhul air siúd é? Ní sheasfadh sé ala an chluig do'n bhéinneach údan / Is gearr le dhul thú a dhuine bhoicht. Níl spreacadh an éinín gé ionnad. Chuirfeadh fear ar foghnamh de shéideoig do'n Domhan Soir thú / Ara tabhair cead glaodhmaireacht' dó go mbeidh sé tuirseach. Sin é eile a bhfuil sé indon a dhéanamh. Is gearr le dhul é, má chuireann sé achrann ar aonduine. Níl brigh slatmhara lobhtha ann. [Níorbh fhiú d'aonduine a dhul ag fiachadh ar an gcleiteacháinín bocht: níorbh fhiú sin / Déan do dhicheall ach is gearr le dhul thú. Mharbhóchainn céad de do leithidí]/ Meath do chine aríst! Cá'id le dhul thú a characháinín dona na míol! Ní bheadh tolgán ar bith agam deichneabhar mar thú a chur in aer. Féach liom é go bhfeicidh tú! / Dhá mbeadh an oiread eile téagair ann ba ghearr le dhul é ar Mh. seo thoir. [Tá M. cho cruadh le miotal. Ar rug sé greim ariamh ort? Is measa an dá chrobh láimhe atá aige ná bís an Bh.]/ Tá gaisce mhaith aca ag imeacht len a gcuid gunnaí mar sin, ach ba gearr le dhul iad dhá dteagadh orra. Nímé cá'id a rachaidís ar an German. Dheamhan an seasfaidís uair an chluig dó. / Tá gárdaí agus cóirí catha mar sin aige, ach ba gearr a ghabhfadh sé ar fhear ar foghnamh. [Dorna amháin ó Mh. Mh. agus chuirfeadh sé luighe fiadha air go ceann míosa, mara ngiorraigheadh sé leis ar fad]/ Beannacht Dé dhuit! Cé'n t-achar a ghabhfadh do chupla puintín gágach ar luach tighe. [An bhfeiceann tú cho daor agus atá 'chuile shórt. Ní dhéanfá aon-teach anois níos lugha ná trí chéad phunt, dhá mbeadh sé taobh leis]/ Is gearr a chuaidh sé ar mhadadh J. B. indé — an madadh gliobach sin atá aige. Rug sé ingreim muiníl air agus bhuail sé anuas faoi'n talamh é agus choigil sé faoi é, nó nach raibh smeámh ann / Bíodh unsa céille agad! Is gearr le dhul do chruach mhóna, ar a chruaich siúd. [Tá a dhá oiread innte ar a laghad ar bith]/ Ní mórán a chuaidh an méid sin leasuighthe ar an ngarrdha. Shíl mé go mbadh cheart di stróic thairis sin a thabhairt léithe, ach tá a oiread go leith eile ag tastáil ar a laghad ar bith / Gabhfaidh an méid sin cloch anois cuid mhaith ar an teach. [Ní bheidh do dhíol ann, ach dheamhan mórán as a bhéas tú]/ Chuaidh na trí galúin riar maith ar lucht na bainse. Níor riar siad 'chuile dhuine, ach dheamhan ceo ar bith nachar riar. Bhí againn teacht leo, agus an té a bheadh diomdhach a chead sin a bheith aige / Ba cheart go r{?} an chruach mhóna sin achar maith orainn, má ghníonn muid réidhteach ar bith léithe, ach is minic linne réidhteach a dhéanamh le rud ar bith! / Rachaidh an

coirce síl sin stróic mhaith ar a bhfuil d'ithir againn imbliana. Dhá bhféadthá buta eile a fháil in áit eicínt, bheadh riar do cháis agad / Ní ghabhfaidh a bhfuil d'fhataí annsin achar ar bith ar na beithidhigh. Nach mb'fhearr dhaoib a dhul i gcoinne aistear eile! / Maidir len a bhfuil na daoine a fháil do tae anois, ní ghabhfadh sé ibhfad ná ingearr ar chomhlódar. Cé'n chaoi a ngabhfadh, teirgéis mar é / [Ní rachaidh na cupla "fag" sin i bhfad ná ingearr air siúd. B'fhearr dhaoib a dhul ag soláthar aríst. Reicfidh sé muid, má bhíonn sé d'fhuireasbhaidh "fags" / Go dtugaidh Dia ciall duit! Ní rachaidh buidéilín pórtair i bhfad ná ingearr ar mo thart-sa. Níl ann ach sugh salmhain i mbéal buláin dom, má tá sin féin ann]// [fc. l. 35 ó "tá sé ag dul amach ar a bhéal" go dtí "sílim gur gearr uait]

Do le dul: bhí sé ag dul dó ariamh, nó gur thug sé toil ar a dhul in éindigh leis = bhí sé in a éadan; ag tuineadh leis; ag iarraidh air; ag iarraidh cur faoi ndeara dhó / Caith Seán an lá ag dul dó, ach ba bheag an mhaith dó sin. Ní thiubharfadh sé a dhath áird air. / Nach bhfeiceann tú go bhfuil mé ag dul di le seachtain, agus ag tuineadh léithe ag iarraidh uirre fuirgheacht as, ach 'sé an cás céadna é. Tá sí cho dána le múille /[Chaith sé an trathnóna ag dul do Sh. ag iarraidh é a árdú leis, ach ní chorróchadh S. a chois. Fuair sé a dhóthain de'n áit sin cheana. An té a bhuailtear ins an gceann bíonn faitíos air adeir siad]/ Agad fhéin is fhearr a fhios cé'n chaoi le dhul dó. Mara bhfuil tusa indon dallach dubh a chur air, tá sé fánach againne / Níl caoi ar bith anois ab fhearr le dul di, ná a rádh go raibh T. ag cur a tuairisc. Mara dtugaidh sin ann í, níl fhios agam féin cé'n súisín é. Níl aon-artha eile indon a tabhairt ann ar aon-chor /['Sé an chaoi a rachainnse dhó sin anois, moladh leis. Má mholann tú leis, déanfaidh sé dearg-phleota dhe fhéin, agus beidh an tír ag magadh faoi. B'fhéidir go gcomhairleochadh sin é]/ Chuaidh an misin-éara dhó i riocht agus gur eirigh sé as an ól. Ní dheachaidh deoir ar a bhéal ó shoin. / Cé'n mhaith a bheith ag dul dó, mar a bhfuil an oiread sin tuiscint ann féin. Níl tú ach cur do chuid cainte amú leis. Fág mar sin é / Tá sé an-tsáruigheach.

Is mian leis a bheith ag dul duit i gcomhnaí, nó go gcuirfidh sé faoi ndeara dhuit a chomhairle a dhéanamh de do dheoin nó de t'aindeoin. Ní maith le duine a bheith francuighthe, agus de ghrádh an réidhtigh ghéillfeá dhó, ach dheamhan géilleadh a dhéanfas mise níos mó. Thug sé i dtromásc mé cupla uair le goirid, agus fhobair mé rud a bheith ar a shon agam /[Is diabhlaí an bhuadhannaidheacht atá aice. Chaith sí ag dul dó ariamh ariamh, nó gur chuir sí ciméar ceart air, agus gur mheall sí isteach é go dtí an dream a chuir a dhearbhráthair síos ins an uaigh. Is fear gan fuil é. Ní tada eile é]/ Níl a dhath maitheasa dhuit anois a bheith ag

dhul dom. Dá mbeadh fonn óil orm d'ólfainn é, agus 'nuair nach bhfuil ní ólfad. Is fhearr duit gan a bheith sáruigheach liom / Cé'n mhaith dhuit a bheith ag dul dó 'nuair nach n-itheann sé uaidh fhéin é. Ar chuala tú ariamh é: tairg biadh do dhuine beo, agus mara n-ithidh sé é leigeadh sé dhó / Tá artha an dul-amú ceart aige sin. Marach go ndeachaidh sé di go stuama, ní chuirfeadh sé an chluain choidhchin uirre. Ba deacair í sin a bhearradh deirimse leat /[Má teigheann tú dhó go deas, b'fhéidir go dtiubharfadh sé dhuit é, ach má thugann, tá omós mór aige duit. Fear omóis a gheobhas tada uaidh]/ Gabhfaidh sé sin dó anois ar chaoi nach bhféadfadh aon-fhear faoi thalamh an domhain a eiteach. Cuirfidh mé geall leat th'éis cho danra agus cho daoitheamhail agus atá Sean- S. go bhfuighidh sé breith a bhéil féin uaidh. Tá an tSeamair Mhuire aige sin a mhic ó! //[Má theigheann tú dhó go deas, stuama, b'fhéidir go n-eireochadh leat a thabhairt amach. Ach, níl aon-oirnéis de'n rath agad = má fhéachann tú leis an rud a dhéanamh go stuama]/ Ní shin é an bealach le dhul do "phuncture" a dheasú. Ar scríob tú chor ar bith é. Is ciotach an fear "bicycle" thú / Níl a fhios agad an chaoi le dhul dó chor ar bith. Scaoil é seo 'un tosaigh, agus fáisc é sin, nó go gcuiridh tú isteach é seo agus é a dhaingniú … Anois b'fhéidir! Tá cuma na maitheasa ort / Tá sé as cor aríst. Sin é an chaoi a ndeachaidh tú dhó! Ní fhéadfadh sé gan a theacht amach, mar ní raibh aon-chuma istigh air ó thús. B'fhéidir go mbainfeá tamall as anois /[Dheamhan a fhios aige ach an oiread le cúl mo chinn cé'n chaoi le dhul do mhótar. Chaith sé trí h-uaire caithte ar a dhruim fúithe annsin thoir an lá cheana, nó go dtainic P. T. D'árduigh sé an claibín sin 'un tosaigh. Chas sé cnoth eicínt. Bhí sí ag giúnaighil (: geonaighil) aige le ionntú do bhoise]/ Abair thusa do rogha rud. Dá mbeirtí é istigh i lár easca, níl a fhios aige cé'n chaoi le dhul do mhóin a bhaint. Beannacht Dé dhuit agus éist liom! Fear ar bith a tháinic ar an bportach le sluasaid i leabaidh sleaghain, is mór atá a fhios aige faoi mhóin go deimhin! / Dá dteightheá di mar is ceart chuirfeá an leac sin as a lúdrachaí. D'eireochadh sí sin sin de dhruim a chéile. An bhfeiceann tú na siuntaí innte? / [Ghabhfainn do'n chnocán sin i gcruth agus nach mbeadh aon-chloch amháin ar a fhuaid mí ó indiu marach amháin. Dhá bhfeiceadh an sean-"lad" mé in a éadan, ba mhaith an tsiocair bháis dó é. Ní chuirfeadh an saoghal as a chloig -eann nach bhfuil bruidhin ann, agus dhá gcorruighthí aon-chloch de'n characán sin, nach dtiocfadh smál orainn frén a chéile]/ Níl tú ag dul di sáthach stuama. Tá an chuid amuigh ag teacht anuas léar (de réir) mar atá tú ag árdú an chuid istigh. 'Séard a bhí agadsa a dhéanamh siséal a fháil agus na cláiríní seo ar corr a

bhaint amach uiliog. Cuirfidh mé geall leat go dtiocfaidh sí suas agus anuas annsin gan mórán stró. Tá adhmad na fuinneoige sin rodtha ar fad / 'Sí an capall is socra agus is sásta in Éirinn í, ach a dhul di go cuíbheamhail. [Má thosuigheann scéin ag teacht ínnte, níl maith ar bith dhuit a dhul 'un droch-mhúineadh léithe. Glac go réidh í. Is furasta léithe a dhul 'un socracht' ach gan a bheith dodach léithe]/ Chuaidh sé do'n simléar sin mar is ceart. Níl puth féin ann, ná marach ar bith air, ní hé sin do shimléir eile é. // Bhí sé ag dul dom nó go ndearna mé rud nach raibh agam a dhéanamh / [Chuaidh sé dhó cho déan (: dian) agus gur chuir sé faoi ndeara dhó a pósadh]/ Má chinneann orainn a dhéanamh mar seo gabhfaidh muid dó ar chaoi eicínt eile. Ní lia bealach 'na coille ná 'un a fágála, adeir siad // Tá sé ag dul do'n tsiúinéaracht le scathamh anois = ag plé le siúinearacht; ag déanamh siúinéarachta /[Is gearr ag dul do'n ghréasaidheacht é chor ar bith. Bhí sé le táilliúireacht roimhe sin, ach níor thaithnigh an táilliúireacht leis]/ Tá a mhuintir sin ag dul do'n ghaibhnidheacht ariamh / Tá sé ag dul do'n cheird sin le mo chuimne = ag plé léithe; dhá déanamh / An bhfuil tú i bhfad ag dul do'n cheird sin? /[Cá'id ag dul do'n táilliúireacht é? / B'fhearr liom ag dul do'n táilliúireacht thú ná do'n bhearbóireacht. Tá mo leiceann uiliog faoi fhuil agad / An bhfuil tú i bhfad ag dul do'n Ghaedhilge, bail ó Dhia ort? M'anam go bhfuil sí agad go blasta ar aon-chor]/ Má thosuigheann sé ag dul do'n ealadhain (a:ʟĩ:ɴ') sin, tabhair pléasc isteach ar an bpus dó. Is gránna an rud tosuighe ag aith-léigheamh ar dhuine ar bith / Cá'id anois ag dul do'n fheamainn dearg thú = in a h-éadan; dhá tógáil / Is gearr muid ag dul do na fataí chor ar bith. Bhí sé in a lá Fhéile Muire na Féile Pádraig shul ar chuir muid láighe idtalamh /[Chaith muid an-fhada ag dul do'n mhóin imbliana. Níorbh fhéidir a triomú leis an mbreac-aimsir a bhí ann]/ Diabhal mé go bhfuil siad ag dul do'n teach sin anois le bliain go leith ach nach bhfuil iarracht ar bith ar an mballa fós. Is roighin na saora iad na P.-achaí /[Níl aon-lá ó lá Samhna nach bhfuil siad ag dul do'n bhóithrín sin, agus níl sé cho fada le barr na ngarrantaí fós aca. Is deacair dhóib. 'Ar ndú' níl siad ag déanamh smeach ar bith]/ An bhfuil tú ag dul do'n phláistéaracht fós? Cheal nach bhfuil sí réidh aige fós? / Bhí mé ag dul do'n tsiúinéaracht le trí lá, ach níl aon-bhaoghal uirre fós. Is meathta an cheird teach nuadh a fheistiú amach ceart /[Deir sé liom go bhfuil sé ag dul do'n Laidin le trí bliana, agus nach bhfuil sí aige fós. Chaithfeadh sé gur mór an obair Laidin a fhoghluim]/ An mbíonn tú ag dul do'n mhóin igcomhnaí — dhá

tarraingt ar an Achréidh. Is cosamhail go bhfuil rud eicínt dhá bharr agad mar sin /[Níl sé ag dul do na gliomaigh anois le fada. Tháinic an aois go mór air, agus níor fhan mórán tapa ins an duine bocht]/ Is beag duine atá ag dul do cheilp anois chor ar bith. Bíonn an iomarca anró le fáil uaithe ar scáth a mbíonn de thairbhe uirre. / Ní raibh siad ag dul do'n phoitín le aois agus aimsir go dtí le goirid aríst. An bheirt a bhí i Sasana tháinic siad abhaile le goirid, agus tháinic caitheamh in a dhiaidh aca aríst. Déanann siad corr-iarraidh anois /[An bhfuil sí ag dul do na faochain mar seo. Chonnaic mé fear na bhfaochan ag seasamh thíos ag ceann an bhóithrín an lá faoi dheireadh]// Tá an rud sin ag dul dó le fada = tá sé ag éagcaoineadh tinnis eicínt / Tá an eitinn ag dul dó le píosa. Is maith a chruthóchas sé má chuireann sé as a chrioslaigh choidhchin í. An uair a theigheas an cailín sin in ainsil, ná bac leat féin annsin /[An bhfuil an phian sin i bhfad ag dul duit. Bhí pian mar sin ag dul domsa anuiridh, ach is gearr a bhain sí asam: mí nó mar sin]/ Cé'n chaoi a bhfuil sé ag dul dó! Drioganna isteach faoi'n slinneán ab eadh? Sórt scoilteachaí é sin. Dheamhan lá dochair ann. Tá sé ar leath do thíre / Cé'n áit a n-airigheann tú ag dul duit é. Isteach annseo slán an tsamhail … Droch-áit. Tá na dúbháin annsin. /[Níor airigh mé a dhath ariamh ag dul dom go dtí an méid sin, ach ní beag do dhuine a thúisce, arsa tusa. Bíonn pian ghártha orm scaithtí. Tá brath mhór agam a dhul go dtí an dochtúr fúithe, ach cé'n mhaith sin? Tiubharfaidh sé an buidéal céadna dhom atá sé a thabhairt dóib ar fad.]/ Tá donacht eicínt ag dul di le cupla lá. Cineál lagair, agus teagann meirbhthean uirre amanntaí. Bíonn fonn múisc uirre ach ní chuireann sí tada amach. Ní thaithneochadh sé liom chor ar bith / Tá sé in a luighe annsiúd ag osnaighil agus ag éagcaoine, agus leagha na bhFíonn ní dhéanfadh amach céard atá ag dul dó. Sílim féin nach bhfuil air ach neart díomhaontais, agus ealadhain /[Níor bheag dhó a raibh ag dul dó cheana an díthreabhach bocht, agus gan tuilleadh a theacht air. Dheamhan duine a mbuailfidh bruithtíneach é ins an aois a bhfuil seisean ann, nach duine é a bhfanfaidh fuigheall air, má's fada gearr a shaoghal. Tá faitíos orm go bhfuil a chuid maitheasa ar iarraidh]/ Is beag an dochar dhó rud eicínt a bheith ag dul dó, ag imeacht dhá cailleadh féin chois claidheachaí 'chuile oíche, i leabaidh dhó fanacht istigh faoi theas na teine. Níl a fhios agam beo cé'n sórt súnás a bhíos ar an aos óg seo ag imeacht ar bhóithrí chor ar bith / Cé'n sórt fíbín

atá ag dul dó thar agus aonduine, nach ndéanfadh sé suaimneas in áit eicínt. Ach níl aon-mhaith ann mara mbeidh sé ar a chois i gcomhnaí /[Má airigheann tú rud ar bith ag dul duit, is fhearr duit a dhul roimhe in am. Mara dtapuighidh duine rud de'n tsórt sin, níl aon-mhaith dhó a bheith ag bualadh an mhilleán thall ar dhuine eicínt eile aríst.]/ Níor airigh mé ag dul dom go dtí arbhú aréir é. Tháinic ualach orm d'aon-iarraidh. Ní raibh mé ach th'éis mo bhéile, agus níor fhan tada dhe ar mo ghoile, ná níor fhan aon-cheo ar mo ghoile ó shoin, ach an oiread / 'Sé an buachaill siúd atá ag dul dó go siúráilte. Ní bheadh aon-cheo le é sin a chur as creatlaigh duine ach sugh an ghráinne eorna, ach mo chreach mhaidne. Cá'il sé sin anois! // Tá an chulaith sin ag dul go maith dhuit = tá tú ag breathnú go maith innte; is fearr agus barr slaicht ort í; tá sí feilteach ar gach uile bhealach duit agus 'sí do dhíol í / Is deas a ghabhfadh péire bróg mar sin domsa dhá mbeidís agam. Ach tá faitíos orm go bhfuil mé asta anois /[Ná bain díot an hata a dhuine sin. Sin é an slacht uil-iog ort. Is breagh atá sé ag dul duit]/ Is breagh atá sí ag dul duit, go bhfágaidh Dia len a caitheamh thú. Sí do dhíol ceart í. Ní ghabhfadh biorán beag innte in éindigh leat féin, tá sí cho feilteach sin duit /[Mara breagh a ghabhfadh sí dom go deimhin! D'eireochadh sin di! Is breagh é a cuid airgid freisin — dhá nóta dhéag.]/ Níl na bróga sin ag dul go deas duit chor ar bith, ach is ingeall nach bhfuil siad ag feilmheanaint do'n éadach é. Tá an t-éadach buille beag ro-dhorcha dóib /[Beidh éadach ar bith ag dul go breagh d'fhear nó do bhean bhreagh, ach ní féidir smais a chur ar smután ná ar chimleachán de dhuine]/ Ní cheannóchadh sí siúd aon-bhall, ach ball a rachadh go deas di. Tá fuireann nua eile aice anois, agus is mór an áilleacht í ionnta. Pósfaidh sí ins an bhfuireann seo anois / Bean nach mbíonn mórán ainnise innte, is mór is fiú dhi a cuid éadaigh a dhul go deas di. Is leath slaicht ar bhean a cuid éadaigh bíodh a fhios agad. Tá sí annsin thoir ag M. Mh. Ú. Feic Dé Domhnaigh í agus 'sí an bhean is breacha ar an bpobal í nuair atá sí gabhtha gléasta. Ach feic lá de'n tseachtain í ins na ciomachaí, agus dheamhan ceannuidhe an mhála, ní hé amháin a mhalrait a dhéanfadh roghain uirre. /[Tá na troisleáin (: troillseáin) sin a rinne tú de do chuid gruaige ag dul go gránna dhuit. Ní fheileann siad sin de do leithide-sa de chailín óg chor ar bith. Rachaidís go maith do ghirrsigh]/ Measaim nach bhfuil an cóta mór sin ag

dul go maith dhom chor ar bith. Tá sé ro-chumhang dhom ins na guailní, agus tá plucaí ann ins an gcaoldruim. Is slad-mhargadh é, nó tá sé féin agus a chosamhlacht in aghaidh a chéile, ach cé'n mhaith sin nuair nach bhfeileann sé mé // Rinne mé an rud adubhairt sé liom agus má rinne féin, is dona a chuaidh sé dhom, ní ag ceasacht ar Dhia é = chuir sé as dom; níorbh fhearrde mé an rud a dhéanamh /[Is dona a chuaidh an pósadh dó. Níor fhága an bhean bonn bán air, nachar ól sí agus nachar chaith sí]/ Ní raibh rún ar bith aige a dhul 'nan aonaigh, marach gur mheall an ceann eile ann é. Ba dona a chuaidh an t-aonach dó. Fuair sé lascadh cho mór sin agus nachar ól sé aon-deor bhainne sláinte ó shoin. Níl a fhios ag duine cá mbíonn a leas ná a aimhleas /[Ní theigheann na fataí ro-mhaith dhom agus sin é an fáth nach ndrannaim leo. Líonann siad suas mé agus caithim an lá ag brúchtaighil in a ndiaidh. Cuireann siad coiliocam orm scaithtí freisin]/ / Níor ól mé aon-deor le fada. Ní theigheadh sé go maith dhom, agus dhiúltaigh mé uiliog é. D'eirigheadh sé in mo cheann, agus ní bhínn ar mo chóir fhéin in a dhiaidh go ceann míosa aríst. Tá an té ann a bhfeileann an t-ól dó, agus an té nach bhfeileann /[Ní fhéadfadh sé seo gan a dhul go maith duit. Togha braon é. Breathnaigh ar an tsúilín atá air. Ní shin é uisce salach Bh. L. chor ar bith ach scoth an ghráinne eorna. Is ola do do chroidhe a mhic ó é sin a ól]/ Bhí mé ann cheana agus ba dona a chuaidh sé dhom, má's dhá innseacht do charaid é. Ní bhfuair mé greim deoch ná blogam ann. Briseadh mo "bhicycle" ag teacht abhaile agus bhí mé thar bharr mo chéille ag iarraidh é a dheasú le solas na gealaighe. Sheas mé tigh Ph. le buidéal pórtair a ól agus goideadh mo chluigín. Nach shin é do dhíol! /[Ní maith a chuaidh an coláiste céadna dhó. Ní raibh a dhath ariamh dhá bharr aige, ach é a chur as a shlainte ann, le fuacht agus droch-bheatha. Ní cheal muise nach maith a bhí siad indon a gcuid féin a iarraidh — lucht an choláiste]/ Is deacair dona damsaí sin a dhul go maith d'aonduine. Iad amuigh go mbíonn an fáinne bán ar an spéir ar maidin, agus an saoghal bruighineach aca cuibhrighthe istigh ar feadh na h-oíche, in áit nach bhfuil límistéar dhá leath ann. Is cuma ins an diabhal le sagairt é ach rud a chur in a bpóca féin /[Ní fhaca mise aon-duine ariamh nach ndeacha Meiriocá go dona dhó. Ins an am a caitheadh, bhí an pháighe go dona ann agus an lá oibre an-fhada, agus iad plúchta thíos faoi thalamh gan aer gan anáil! 'Chuile dhuine dhá dteagadh abhaile, bhídís an-bhán-ghnéitheach, an-tuartha]/ An bhfaca tú aon-duine ariamh nach ndeachaidh an príosún go dona dhó ach é. 'Sé an chaoi

ar reamhruigh sé ann. Tá sé in aon-rampaire amháin anois agad / Ní
measa a chuaidh an oíche dhuit ná dhom fhéin. Ní raibh snáth thuas ar mo chraic-
eann nach raibh fliuch báidhte ar a thoidheacht abhaile dhom / Ba
dona a chuaidh na bicycles dó an duine bocht: é a threascairt agus a ghualainn
a bhriseadh /[Chaith sé scathamh maith i Sasana agus ní maith a chuaidh sé dó ach an
oiread liom féin. Sílim nach dtug ceachtar againn an oiread as agus a dhéanfadh
torann ar leic]// Ní raibh an banbh ag dul duit. Dhá mbeadh, ní bhuailfeadh
na crampaí é = ní raibh sé le t'aghaidh; ní raibh sé indán duit; ní raibh
sé len eireachtáil leat / An rud a bhéas ag dul do dhuine, mairfidh sé dhá
mbeadh sé gan tada a fháil len ithe. Ach an rud nach bhfuil ag dul duit,
níor mhiste dhuit dhá dtugthá fuigheall na bhfuigheall dó. Shínfeadh sé
siar agus chaillfí é /[Ní chreidfinn ó'n saoghal nach bhfuil daoine ann
a mbíonn beithidhigh ag dul dóibh thar a chéile. Dhá mbeadh dath gach
bó ar cnoc agamsa, ní bheadh ceann aca ins an gcomhaireamh
ceann faoi cheann cupla bliain. 'Bhfeiceann tú an díleághadh
a tháinic ar a raibh agam, ní ag ceasacht ar Dhia é. Ní
eirigheann bó ná gamhain liom]/ Gan í a bheith ag dul duit: sin
é an fáth é, agus dheamhan fáth eile. Bheadh an chlaise sin annsin go deo
agus bheadh an bhudóig sin ag dul fúithe agus thairti agus dheamhan báthadh
ná bascadh a d'eireochadh di, marach nach raibh sí le t'aghaidh. Bíonn
smál eicínt ar chuid de na daoine thar a chéile. Cuirfidh mé
geall leat dhá mbeadh gamhna T. Ch. ann dhá lá a shaoghail nach
ngabhfadh aon-cheann aca innte, ní ag tuaradh na h-anachain do C. C.
ná dhá chuid é /[Tá anachain mhuc air sin. An fhad agus a bhí sé ag
cheannacht bhainbh, ní eirigheadh ceann ar bith aca. In áit nach raibh
siad ag dul dó chreidim]/ Ní raibh sé ag dul dom. Tá an smál sin ar
'chuile laogh dhá raibh agam le deich mbliana. Mara gcaillteár iad
dhá mbreith, caillteár iad th'éis a mbreithe, nó an uair a mbíonn
siad suas in a leath-ghamhna / Má bhí an t-imeacht uirre, chaith
-feadh sí imeacht. Ach is fhearr imighthe í ná an duine. Ní raibh sí
ag dul duinn ar aon-chor: sin é a bhun agus a bharr /[Má tá siad ag dul
duit mairfidh siad, agus sin é a bhfuil in a thímpeall. Ach mara bhfuil,
caillfear iad, dhá dtugthá aire na fola dóib. Sin é an chaoi a
bhfeicimse é. Bíonn an t-ádh ar dhaoine thar a chéile]/ Bhí cúigear
no sheisear páistí marbha aice, agus fuair cupla naoidheánan eile

bás uirre. Bhí duine aca suas in a leath-phataire mhaith shul
a d'imigh sé. Ní raibh siad ag dul di chreidim, an bhean
bhocht /[Is mór an míádh ar dhuine é 'nuair nach mbeidh a chuid ag dul dó.
Ní ag comhaireamh na h-anachain é, d'imigh gamhain agus laogh agus trí cinn
de bhainbh orainn anuiridh. Na fataí féin ní raibh siad ag dul duinn.
Lobh siad ins an talamh orainn, rud nach ndearna siad ar aonduine
eile ins an tír, arae b'an-bhliain fhataí a bhí ins an mbliain anuiridh.
An uair a theigheas an saoghal in aghaidh duine mar sin, bhí
sé cho maith dhó gan tada a dheanamh; ach go gcaithfidh duine a bheith
ag strapadóireacht in a dheidh sin]// Cé mhéad atá ag dul duit = cé
mhéad atá amuigh agad; cé mhéad atá le fáil agad; cé mhéad atá agad
orm (air agus rl.) / Níl ag dul duit ach leath-choróin. Nach deich scilleacha
a thug tú dhom. Sílim go bhfuil tú ag iarraidh imeartas orm. Is mór
an saothrú atá ar shé pighne féin. /[Ní fhéadfadh an oiread sin a
bheith ag dul duit mara bhfuil tú ag baint amach gaimbín
air]/ 'Sé a bhfuil ag dul do T. scór. Níor cheart go bhfuigheadh sé
an scór féin, dhá mbeadh ceart le fáil, arae b'olc a shaothruigh
sé iad: Caithte thiar ar a leath-deireadh i dtóin an churraigh ag
magadh fúinne agus muid ar ar mine-ghéire ag iascach / Níl tada
ag dul duit, nó má tá 'sé cuid an bheagáin é. Níor chuir tú
pighinn ar bith amach ó shuidh muid ag clár anocht. Agus go
deimhin agus go dearbhtha ní mórán conganta a thug tú dhuinn le na
cártaí /[An trí chupán atá ag dul di? Feicthear dhom gur trí chupán a
fuair muid uaithe. Agus tá riar sceanna agus spúnógaí agus cupla
cathaoir ag dul di freisin nach bhfuil?]/ Caithfear tuarastal an
tsagairt a íoc an Domhnach seo chugainn. Cé mhéad atá ag dul dó anois, an
bhfuil a fhios! Trí scilleacha nó cheithre scilleacha? Beidh sé ag dul le
báinidhe ar chuma ar bith mar bhfaghaidh sé a cheart. / T'anam ó'n
dacs é, níor thug tú an méid sin dó. Ní raibh aon-phunt ag dul dó:
dhá chrudh tá cupla mí ó shoin, agus dhá shean-chrúdh anois, agus thug tú
gualach aige an uair dheireannach. Scriosadóir é, má bhain sé an oiread
sin díot. Tá rud le déanamh leis: a dhul ag gabha eicínt eile /[Ní raibh
ag dul dó ó cheart ach an tríomhadh cuid de luach na móna. Bhí tusa
agus é féin ann agus an bheirt ghearrchaileadha. Nach h-iad na gearrchaileadha
a shaothruigh uiliog í, agus gan iad ag fáil tada in omós a gcuid alluis]/

Tá a chuid féin ag dul do'n am th'éis nach ndearna sé tada
ach ag breathnú uaidh. Ach ó thárla go raibh sé ann, caithfear a íoc
as a ucht /[Tá a chuid féin ag dul do'n lorry. Ó dar príosta tá.
Meastú an leigfidh fear ar bith a "lorry" amach in aisce]/ Bíodh
a fhios agad go bhfuil airgead ag dul as sin — agus nach hé an beagán
é ach an oiread — do'n fhear atá thall i Sasana nó i Meirioca:
Fear b'fhéidir nach bhfaca an obair sin ariamh, ach a chuir airgead
innte nuair a tosuigheadh í. /[Tá a chuid féin ag dul do'n dul-amú =
bíonn roint áirid dul-amú is gach rud.]/ Tá a chuid féin ag dul
do'n deachma = mara mbeidh ann ach beagán ní fiú a choinneál ná
a chur in úd (fc. deachma) / Ní mór do'n aois a cuid féin a dhul
di = bíonn marach nó fhuireasbhaidh ar an aois; ní bhíonn an
sean-duine cho beo, cho láidir, cho spleodrach, cho saothrach agus rl. leis
an óige / Rinne tusa creachlaois mhór bail ó Dhia ort, ach tá an óige
agad, agus ní comórtas ar bith dhuit sean-duine mar mise. Bíonn
a cuid féin ag dul do'n aois /[Teigheann a cuid féin do'n aimsir
= cuireann sí siar obair; déanann sí millteanas (droch-aimsir)
cuireann duine roimhe an oiread seo a dhéanamh, ach má theagann an
aimsir go dona, coinnigheann sin siar é]/ Tá a cuid féin ag dul
do'n obair chruadh = fágann obair chruadh séala ar fhear a dhéanta /

"Go" le dul: Tá deatach ag dul go h-aer as = cho fada leis an aer /
Teigheann an doicheall go smior = go dtí an smior [tabhair faoi deara nach mbíonn
an t-alt go h-iondamhail in ainm-fhocal indiaidh "ag dul go"] / Chuaidh sé go
beo ionnam /[Chuaidh an phian sin go croidhe ionnam / Chuaidh an chloch go h-inchinn ann /
Chuaidh an t-uisce go glúine liom / Ní ghabhfadh sé go gualainn (go guailní) liom /
Níl an seaicéad seo ag dul go básta liom]/ Chuaidh sé go corróig ins an taoille /
Teigheann sé go muineál i bhfairrge 'chuile lá ag cruinneál fheamuinne /
Tá mé indon a dhul go smig i bhfairrge shul a bhaintear mé / Ghabhfá go
rúitíní i bpuiteach ann anois /[Tá na beithidhigh sin ag dul go bolg i bhféar
agus níl aon-mheas aca air in a dheidh sin]/ Ghabhfá go h-ascallaí i salachar

ann / Chuaidh pórtar go cluasa air / Tá féasóig ag dul go brollach leis / Tá iasc glas ag dul go barr-láin / Tá an taoille ag dul go claidhe anocht, ach chuaidh sí go bóthar aréir / Tá bradáin ag dul go bruach ann /[Tá feamainn dearg ag dul go barr-bachall ar an aimsir seo]/ Bhí poitín ag dul go h-aer ann ar chaoi ar bith = é ann go barr-bachall; dalladh dhe ann / Chuaidh amhráin go h-aer ar chaoi ar bith = dubhradh amhráin (go leor aca) go h-árd acmhuinneach / Ní fheicfidh tú aríst é go malrait saoghail (fc. malrait) /[Tá an poll sin ag dul síos go talamh iochtair]/ Ar an dá luath agus ar sháith mé an láighe ann, chuaidh sí go leic / Chuaidh an bád go cloich ar an toirt = an ciumhais chlochach de'n chladach sul a mbeiridh tú amach ar an nglan / An bhfuil tú ag dul go cladach? / Ní rachaidh tú go teach, an rachaidh? = go dtí an teach (: teach áirid, nó do theach féin) / B'fhearr dhuit a dhul go bóthar dhom, i gcoinne na mbeithidheach / Gabhfaidh sé go h-abhainn shul a stopfas sé / An ndeachaidh tú go portach indiu, nó ar thug tú as an gcruaich í? / Caithfidh mé a dhul go sliabh anois ag breathnú ar chaoirigh /[Ní mór dhom a dhul go baile (: home) go n-ithidh mé roisín eicínt]/ B'éigean dom a dhul go tráigh de'n ruaig sin. Is ann thíos a bhí siad / Ní dheachaidh mé go tobar baileach. Bhí siad istigh i gcúinne an Gharrdha Bh. /[Chuaidh mé go h-aonach agus gan rún ar bith agam a dhul ann / Ná teirigh go sceich amach agus amach. Feicfidh tú iad roimhe sin]/ Bhí orm a dhul go loch shul má chonnaic mé é / Cuir bealadh faoi t'ioscadaí. Beidh ort a dhul go portach leis an dinnéar anois / Ní theigheann sé go h-iothlainn. Tóigeann sé as an gcoca atá i bhfus é / Amach leat go púirín 'bhfeicidh tú an bhfuil na cearca istigh /[Ní dheachaidh mé go cró. Bhí sé romham ag corr na h-iothlann / Níl aon-call duit a dhul go cnocán. Tá sé ins an ngarrdha gleannach seo taobh abhfus dhó (: dhe) / Gabhfaidh sé go h-árd anois shul a bhéarfas sé uirre / Ní ghabhfadh sé go dorus, ní áirighim go teallach. Tá sé an-chuthal]/ Teirigh go dorus go bhfeicidh tú cé atá istigh / Chuaidh sé go h-ursain agus rug sé uirre len a briseadh. Sin é an droch-pheata / Ar a dhul go tearsa (: tairsigh) dhó chlaon sé aríst / Nuair a chuaidh siad go simléar air d'eirigh siad as. B'éigin do malrait saoir agus siúinéaraí a fháil annsin = rinne siad an teach go dtí an simléar / Ná teirigh go barr. Tá an sean-dréimre sin go dona / An ndeachaidh sib go barr (: barr an chnuic) / Teirigh go spriog leis (fc. spriog) / Dhá dteigheadh sé go bás liom, ní dhéanfainn a chomhairle = dhá gcuireadh sé chun báis mé /[An ndeachaidh tú go séipéal / Chuaidh muid go roillic leis an gcorp / An ngabhfaidh tú go fairrge indiu]/ B'fhearr duit a dhul go cara 'bhfeicidh tú a bhfuil sí in araidheacht a dhul

thairti / Rachamuid go droichead théint (fea'int: féachaint) a bhfuil sé ann. Mara bhfuil bíodh an fheamainn (fc. feamainn) aige / Teirigh go beairic leis an bpáipéar sin. Theastóchadh a líonadh / Chuaidh sé go teach mór leis an ngarrdhadóir a cheadú / Chuaidh sí go teach geata. Is ann a gheobhas tú í / Má ghabh sé go ceardcha is mór an t-iongnadh nach bhfaca mé ann é / An bhfuil tú ag dul go teach an phosta, (go teach an tsagairt agus rl.) / Tá sé imighthe go tornóig (: sornóig?). Beidh sé againn go goirid / An ngabh-faidh tú go "pump" / Ní dheachaidh mé go céibh le fada an lá cheana go dtí indiu / Chuaidh sí go Tuar (go Garrdha Bog, go Barr Beag agus rl. = ainmneacha garrantaí) / An ndeachaidh sé go Dúithche Sheoigeach (no Dúithche Sheoigeach gan "go". fc. l. 2 "dul") / Gabhf-aidh sí go Conndae Mhuigheo go goirid (go Baile Átha Cliath, go Luimneach, go Corcaigh, go Gaillimh, go Béal an Átha, go Balla, go Tuaim, go Gleann, go Mám Éan, go Cárna agus rl.) /[An dteigheann tú go'n Cheathramhan Ruadh chor ar bith anois] [: an áit a bhfuil an t-Alt ins an ainm déantar "go'n" de "go", ach is deacair a rádh an "go" nó "do" atá ann amanntaí, arae tá an fhuaim chéadna ar "go" agus "do" mar reamh-fhocla ar fud an cheanntair seo, agus bíonn séimhiú ar an ainm agus ar an aidiacht scaithtí, fearacht agus dá mbadh "do" a bheadh ann i.e. ag dul go'n Achréidh (an t-Achréidh), ag dul go'n bhaile mhór]/ An rachaidh tú go'n (do'n?) Achréidh imbliana? /[Cá'id go dteighidh tú go'n bhaile mhór (don?)]/ Chuaidh sé go (: do?) na Forbacha (go na h-Aille, go na Foraí Maola, go na Tamhnachaí Beaga, go na h-Árd-Doireadha agus rl.) / Chuaidh sé go'n (do'n?) Choill Mhóir / Chuaidh sé go Coill S. Gh. / Ní dheachaidh mé go'n (do'n?) Bhóthar Mhór fós [do'n (go'n?) Bhóthar Bheag = College Road, Gaillimh] / An gabhfaidh sib go'n (do'n?) Chnocán Ghlas (ainm áite) indiu? / Ní ghabhfaidh tú do'n (go'n) Chnoc (ainm áite) anocht? /[Teigheann sé do'n Lochán Bheag 'chuile Domhnach (do'n Bhaile Árd, do'n Pholl, do'n Chaethach, do'n Phúirín, do'n Chaiseal, do'n Chlochán nó go Clochán, do'n Bhóthar Bhuidhe, do'n Chaorán Mhór agus rl. = ainmneacha áiteacha ar fad) / Chuaidh sé go'n (do'n) tsráid-bhaile ar ball]/ Chuaidh sé go lár tíre [go h-Íochtar Tíre, go Sasana, go h-Albain, go Ameriocá, go hAustralia, go h-Africa, go Japan, go China, go Denmark agus rl. Áit a mbíonn na h-ainm-neacha Béarla ní bhíonn an t-alt go h-iondamhail. "Go Páras" adeirtear, ach "go'n (: do'n? gusan?) Róimh"] / Tá sé imighthe (gabhtha) do'n Fhrainc [do'n Spáinn, do'n Rúis, do'n Ghearmáin, do'n Ghréig, do'n Domhan Thoir, do na h-Inniachaí Thoir, do na h-Inniachaí Thiar, do na réigiúin choimhigheacha, do na tíortha éigcéille agus rl. "do'n Iúróip" (Europe) freisin] / Chuaidh sé do'n tsliabh (: áiteacha nó bailteacha áiride ar an sliabh) / Chuaidh sé do'n taobh ó thuaidh (go Cúig' Uladh etc.)

[do'n taobh ó dheas, do'n taobh thoir, do'n taobh soir, do'n taobh suas (: ó thuaidh), do'n taobh síos (: isteach i lár tíre nó ó dheas), do'n taobh seo soir agus rl. / Gabhfaidh sé go Cúige Mumhan (go Cúige Laighean, go Cúige Chonnacht, go Connacht, go Conndae thart síos, go Sionainn, go Loch Éirne, do'n Mhuimh-neach, go Gnó Mhór, go Conamara, go h-Árainn, go Cois Fhairrge, go Dúithche Sheoigeach, go h-Iar Chonnacht, go h-Iorras Aithneach, go Barr na Gaillimhe, do na Líbeirtí agus rl.) / [Ní miste a rádh in abairtí fearacht "chuaidh sé go tráigh", "chuaidh sé go beairic" gur tráigh amháin áirid agus beairic amháin áirid atá i gceist. Is féidir "chuaidh" sé go dtí an tráigh; "chuaidh sé ag an tráigh", "chuaidh sé ar an tráigh" a rádh freisin, agus deirtear iad amanntaí ach is minice an leagan eile. In abairtí fearacht "chuaidh sé go sliabh", "chuaidh sé go céibh" is éard a bhíos igceist go minic go ndeachaidh sé cho fada leis an sliabh nó leis an gcéibh i.e. gur scoth sé amach an t-íochtar agus an talamh cuir, agus an talamh riascach a bhíos go h-iondamhail i mbarr na mbailteachaí, agus gur shroich sé amach an sliabh corpanta. "Chuaidh sé do'n (go'n?) tsliabh". 'Sé an sliabh annseo Ceanntar an tSléibhe nó na tamhnachaí agus na bailteacha a bhíos ar an sliabh i.e. igceanntar an tsléibhe. Dhá n-abruigheadh fear Chois Fhairrge go ndeachaidh sé do'n tsliabh, bheadh sé igceist aige go raibh sé ar thamhnaigh nó ar bhaile nó ar áitreabh eicínt atá ar an sliabh ó thuaidh dhe idir é féin agus Muigh Cuilinn nó Uachtar Árd. Ach "chuaidh sé go sliabh": ní bheadh sé thar mhíle ó bhaile an áit a mbeireann an talamh cuir ar na portaigh. "Dul go" + ainm-áite = "a dhul go dtí" nó "a dhul chuig" i gcomhnaí. Ní féidir a rádh: chuaidh sé go sagart (go múinteoir, go scoil agus rl.) mar is iondamhail go mbíonn níos mó ná sagart amháin agus scoil amháin, agus múinteoir amháin, in áit áirid ar bith. Ach deirtear "chuaidh sé go sagart a casadh an bealach". "Chuaidh sé go scoil a bhí ar an taobh thall de'n chnoc". "Chuaidh sé go múinteoir nach raibh i bhfad amuigh as coláiste". Is féidir a rádh "chuaidh sé go sagart de'n ruaig sin" má'séard atá igceist go ndeachaidh sé cho fada leis an sagart nó an áit a raibh an sagart ar lóistín nó cho fada le teach an tsagairt] /[Somplaí eile: chuaidh an claise go bruach (: le uisce) / Nuair a scáird sé amach an t-uisce chuaidh an pota go béal / Chuaidh sé go bun an amhgair leis / Chuaidh sé go buinne bruach / Gabhfaidh an ola go lá = ní bheidh sí ídighthe go déanamh lae / Teigheann na fataí go samhradh orainn 'chuile bhliain = ní bhíonn siad ídighthe againn go Samhradh / Meastú an ngabhfaidh an méid sin coirce go h-Earrach / Ní ghabhfaidh na sean-fhataí go Féil San Seáin / Ní dheachaidh a raibh de mhóin agam go lá Fheil' Pádraig / Ní rachaidh an bran go

h-Aonach beag (go lá an aonaigh, go Domhnach, go Máirt, go Márta, go Nodlaig, agus rl.) / Chuaidh sí go píobán i bhfairrge (fc. píobán) / Chuaidh sé go ceathramha (go tóin, go bléin agus rl.) ins an easca / Chuaidh an biorán go cnáimh / An uair a theigheas bocht go nocht teigheann sé go gabhail éadain (fc. bocht, gabhail éadain) / An uair a theigheas an gabha do'n teampall teigheann sé go h-altóir fc. (gabha, teampall) / Chuaidh mé go h-altóir (: cho fada leis an altóir) shul a d'fhéad mé aon-áit suidhte a fháil / Tá an cóta mór ag dul go talamh leis (: air) / D'fhan mise thuas (: ar an gcrann) ach chuaidh seisean go talamh / Chuaidh sé go talamh leis an dara buille = leag an dara buille é / Chuaidh sé go h-iochtar (: na fairrge) = chuaidh sé go tóin / Tá siad indon a dhul go tóin (: go tóin na fairrge) //

"Thar" le "ag dul": níl aon-ghoir agam a dhul thar chlaidhe ar bith ag an gcois atá agam / Chuaidh mé thar claidhe = thar an gclaidhe; thar chlaidhe áirid; is minic gur le ócáide a bhíos sé i gceist (fc. "ag dul go" ins na leathanaigh réamhráidhte, "thar claidhe". Níl aon-séimhiú ar an c) / Bhí sé ag dul thar abhainn agus chonnaic sé madadh / Chuaidh sé thar abhainn / An dteigheann a chuid talmhana thar bóthar (: thar an mbóthar) / Ní fhaca mé ariamh é féin ná aonduine dhá dhream nach mbeidís ag dul thar tórainn / Gabhfaidh mé thar fairrge go goirid = go tír eile / Tá an buicéad ag dul (: ag cur) thar béal = tá an iomarca uisce ann / Chuaidh an tubán sin thar béal indé / Tá an claise ag dul thar bruach / Gabhfaidh an cléibhín sin thar maoil má chuireann tú mórán eile ann / Tá an teach ag dul thar drad len a bhfuil de dhaoine ann = tá sé ag dul thar maoil /[Chuaidh an ghloine thar buinne bruach len ar chuir sé innte / Chuaidh sé thar mar ba cheart dó a dhul = chuaidh sé ro-fhada (le turas) le caint, le ól, le achrann, le scéal agus rl. / Chuaidh tú thar mar ba cheart duit a dhul. Bhí agad na beithidhigh a fhuagairt di, agus na póilíos a bhagairt uirre, agus gan níos mó a rádh. In a leabaidh sin, d'ionnsuigh ort ag sciolladóireacht / Chuaidh sé thar mar ba cheart dó a dhul leis an bpoitín.]/ Ná teirigh thar mar is feilmheanach duit a dhul anois leis an ól / Chuaidh sé thar chomhairle = ní dhéanfadh sé comhairle duine ar bith; ní dhéanfadh sé an chomhairle a tugadh dhó / Ná teirigh coidhchin thar chomhairle mhaith / Ní féidir le saighdiúr a dhul thar a ordú /[Cé'n uair a chuaidh póilí thar an rud adéarfadh a chuid comhairleachaí leis]/ Ná gabh thar m'aithne anois = thar an rud adeirim leat / Tá sé gaibhte thar smacht athar agus máthar (ach "tá sé gaibhte ó smacht") / Chuaidh sé thar smacht máistir agus sagairt / Chuaidh sé thar smacht baile agus muintire / Níor leig an faitíos dó a dhul thar smacht Sh. / Chuaidh sé thar chrois na ndaoine = na rudaí a bhí ráidhte aca; nó rudaí ar chuir na

daoine bacainn orra (fc. crois) / Chuaidh tú thar an gceart = an méid a d'fheil duit; do dhíol (óil, cainte, coimheasa, achrainn agus rl.) / Níl mise ag iarraidh ort a dhul thar an gceart, ach féadfaidh tú an buinín (: gloine) seo a ól agus ní ghoillfidh sí ort. Dheamhan goilleamhaint muis / Ní dheachaidh sé thar an gceart chor ar bith. Choinnigh sé gúaim mhaith air fhéin. Dhá mbadh mise a bheadh ann, bheadh sé buailte agam gan éisteacht ar bith /[Ní fhéadfaidh duine a dhul thar an bhfírinne igcúirt. Is furasta mionna éithigh a thabhairt]/ Níl mé ag dul dubh na h-iongan thar an bhfírinne. Sin é an rud adubhairt sé. Nár leigidh Dia go gcuirfinnse bréag air! / Má's leat gan a dhul thar an bhfírinne, níl agad é sin a tharraint anuas chor ar bith. Ná bac leis / Níl aon-dul thar a chuid cainte = caithfear a theacht suas ar a cuid cainte; caithfear an rud adéarfas sé a dhéanamh /[Níl aon-dul thar a fhocal sin. Sin é an máistir / Níl aon-dul thar an ngiúistís a mhic ó, nó má tá, is duine dícéillidhe a ghabhfadh thairis. Dhá dtugtásá é sin go h-árd-chúirt agus dhá gcaithtí aríst thú, bheitheá dhe dhruim tighe. Is tú a bheadh / Níl aon-dul thar an rud adéarfas an sagart. 'Sé béal na fírinne é / Má dubhairt sí sin, níl aon-dul thairti. Sin í an comhairleach]/ Sin é do dhíol. Níl aon-dul thairis sin. Eirigh as anois / Ní raibh aige a dhul thairis sin, ach dubhairt sé a raibh in a bholg 'nuair a bhuail an speidhear é. Sílim go ngabhfaidh a chuid cainte daor air, go ngabhfaidh sin / Tá talamh ag dul thar a luach anois = ro-dhaor; níos mó ná is fiú é / Tá 'chuile earradh ag dul thar a luach anois ó thosuigh an cogadh. Nach fíor dhom é? / Níl tada ag dul thar a luach anois ach feoil. Tá sí in a h-ór //[Is furasta a dhul thar an sagart seo thiar = is furasta a thuarastal, a dhualgas nó a chuid a thabhairt; nó is sagart é nach bhfuil araoid nó ceist aige ar aonduine / B'fhurasta a dhul thar an máthair an fhad agus a mhair sí. Níor mhiste dhuit dhá mbeitheá gan aon-phighinn a íoc léithe ó bhliain go bliain. Ach ní hé sin do'n inghin é ó a ghabh sí ins an siopa. Tá sí sáthach géar a mh'anam /[Diabhal mé go mb'éascaidh a dhul thar an máistir a bhí annsin cheana. Bhí sé an-lághach le na gasúir, agus deir siad go mbadh togha máistir é ina dheidh sin. Brúisc é an fear seo / Níl sé andeacair a dhul thar Th. dhá mbeadh duine díreach chor ar bith leis, agus é a íoc nuair a bheadh sé aige. Is minic a tháinic sé annsin ceathair nó cúig de chuarta agus a d'imigh sé aríst agus a dhá láimh cho fada le chéile. Ach dheamhan smid adéarfadh sé in a dheidh sin, ach "b'fhéidir go mbeadh sé agaibh nuair a chasfaí an bealach aríst mé".]/ Is furasta a dhul thar an ngiúistís seo má tá duine réasúnach chor ar bith. Ní mórán "fine"annaí troma a chuaidh suas chor ar bith ó a tháinic sé ann. Chuir sé príosúntacht ar dhuine annseo agus annsiúd, ach nachar thuill siad é? / D'fhéadfadh duine ar bith a dhul thar an "sergeant" sin marab é a chiontsiocair

tsiocair féin é. Duine an-réidh é an "sergeant". Ach tá dream ann nach beo iad mara mbeidh siad ag gleo agus ag bruighin agus ag cur na tíre thrídh na chéile. / Bíonn sé ag sclamh-aireacht leis mar sin, ach gan áird ar bith a thabhairt air. Is furasta a dhul thairis, mara leigidh tú ort féin go gcloisfidh tú chor ar bith é. Ba é an t-athair a bhí géar ar bhuachaillí aimsire go ndéanaidh Dia grásta air! / Is furasta a dhul thairis ag daoine. Níorbh mhiste do chuid de na daoine dhá mbeidís gan aon-phighinn a thabhairt dó 'chaon deich mbliana, dheamhan a leanfadh sé faoi iad, ná a bhfuil a fhios agam an iarrfadh sé amháin é. Ach dar brígh an leabhair tá sé an-éadóchasach le daoine eile (fc. éadóchasach) // Ní raibh agad a dhul thar chuíbheamhlacht ar chaoi ar bith pé'r bith céard a dhéanfá = níor cheart duit a dhéanamh ach an rud cuíbheamhail, nó an rud ceart cóir /[Tá siad ag dul thar cuibheas ar fad anois = ag dul ro-fhada le rud; losing all sense of proportion, passing all seemliness agus rl.]/ Má ghníonn muid sin beidh muid ag dul thar ghreann. Deir siad an uair is fhearr an sugradh gurb eadh is fearr leigean dó / Má rinne sé sin chuaidh sé thar thuataighil fhéin = rinne sé thar a bheith túatach é / Ní fhaca mise a mhacsamhail ariamh. Chuaidh sé thar phéist-eántacht // Chuaidh sé thar a bheith in a spóirt an uair a thug tú cic ins na h-asnacha dhom /[Tá sé ag dul thar mhagadh (nó, thar a bheith in a mhagadh) anois, agus b'fhearr eirghe as sílim]// Má ba é an bás a gheall Dia dhó, ní raibh a dhul thairis aige. Chaithfeadh sé a dhul thríd = ní fhéadfadh sé a sheachaint; ní raibh a theacht uaidh aige / Má sin í an bhean a bhí indán duit, ní raibh a dhul thairti agad. Chaithfeá a pósadh. Ar chuala tú ariamh é: "leagaim láimh ort, nó ná leagaim: má's tú atá indán dom, is tú a bhéas agam" / Ní raibh aon-chall duit tsiocair ar bith a thabhairt duit féin. Bhí an méid sin le t'aghaidh. Ní raibh a dhul thairis agad. /[Bhí a lá caithte. Ní raibh a dhul thairis sin aige / An uair a bhéas do sheal tugtha, ní beidh a dhul thairis sin agad. Caithfidh tú imeacht má's olc maith leat é // Chuaidh sé tharm ar an mbóthar = scoth sé mé]/ Chuaidh mé thairis ag Árd Dh. L. / Má bhí sé romham, ní dheachaidh mé thairis. Chaithfeadh sé go ndearna sé an dubh-dheifir / Má chuaidh sé suas, ní fhacaidh mé é ag dul thar an teach / Bhí mé gaibhte thairis shul a d'aithin mé é / Ní dheachaidh sé thart ar feadh an bhóthair aníos! / Thiocfadh dó a dhul tharainn ingan fhios, ach má chuaidh níor thug muid faoi deara é / Cá ndeachaidh sé tharaibh. Ag Gleann an Gh. Bh. ab eadh? / Chuaidh mé thar go leor lochannaí an taobh ó thuaidh de'n bhóthar /[Is éascaidh a dhul thar dorus tighe gan madadh = is furasta caismirt nó araoid a chur ar dhuine atá lag nó bocht nó nach bhfuil indon cur ar a shon féin]/ Is maith a tháinic tú anall annseo le do rí agus fios agad go

raibh mise feidheartha. D'aithin tú cá gcuirfeá é. Ach is cóir adeir siad gur furasta a dhul thar dhorus tighe gan madadh / Ní dheachaidh an focal sin thar mo bhéal ariamh = níor dhubhairt mé é / Sin focal nach ndeachaidh thar a bhéal ariamh, agus ná bí ag cur bhréag air / Chuaidh cloch amach thar mo chluais (le mo chluais) = an-ghar dom / D'airigh mé na h-urchair ag dul amach thar mo chluais / Deir tú leis a chuaidh amach thar mo chluais = scoth sé mé agus choinnigh sé an-ghar dom, fearacht agus dá mbeadh sé ag tabhairt mo dhubhshláin /[Tá an bríste seo ro-fhairsing dom. Nach bhfuil sé ag dul amach thar béal mo bhróige / Bhí a theanga ag dul amach thar a bhéal le dúil ionnta / Tá a theanga ag dul amach thar a bhéal le tóir ar an bpórtar / Ar an dá luath agus a bhfacaidh sé an fuisce thosuigh a theanga ag dul amach thar a bhéal]/ Tá do léine ag dul amach thar do threabhsar. Shílfeadh go mbeadh puinteáilteacht eicínt ionnad thairis sin, nó cuíbheamhlacht féin / Tá an tslinn ag dul amach ro-fhada thar an mballa / Tá cois leis ag dul amach thar an gcois eile // [Léigh ag lc. 20 dul deireadh an chéad ailt] Tá sé ag dul amach ar a bhéal

uiliog = caithte amach indiaidh a bhéil /[Meastú ab é an pósadh a chuir an bhail siúd air. Tá sé ag dul amach ar a bhéal ar fad le tamall / Meastú ar eirigh aon-ghortú de'n chapall. Tá sí ag dul amach uiliog ar cheann de na cosa tosaigh]/ Dírigh suas thú féin a ghamail bhradaigh agus ná bí ag dul amach ar do bhéal mar sin. Ní ghlacfaí in aon-arm faoi'n domhan leat / Tá tú ag dul amach go mór ar na glúine (as na glúine) le goirid. Sílim gur gearr uait //

Chuaidh sí thar a maith fadó = tá a maith caithte aice le fada / Chuaidh an oíche thar druim; tá an oíche ag dul thar druim (fc. druim) /

Bhí poitín

ag dul faoi agus thairis ariamh agus níor ól sé aon-deoir dhe. Nach diabhaltaí a chruthaigh sé agus fanacht uaidh = bhí sé ins 'chuile áit timpeall air; d'fhéadfadh sé a fháil 'chuile phuinte / Maidir liomsa a mhic ó, tá ól ag dul fúm agus tharm i gcomhnaí, ach ní thiubhar-fainn bolg dó. B'fhearr liom muigín leamhnacht' ná a bhfuil d'ól déanta /[Ná bac liomsa ná le mo chuid creathnaigh. Tá creathnach ag dul fúm agus tharm 'chuile lá, ach ní móide go gcreidfeá mé má dheirim leat nach ndeachaidh aon-cheo dhe ar mo bhéal le deich mbliana. Tá sé cho fairsing againne agus nach bhfanann leath-suim' againn ann / Bíonn báid aeir Mheiriocá ag dul fúinn agus tharainn 'chuile oíche. Níl mórán oíche ar bith nach n-airigheann muid ag dul thart iad — ag teacht isteach ó'n bhfairrge]/ Ins an áit a gcomhnuighimse tá cnathanna ag dul fúm agus tharm. Tá an áit faoi choll agus faoi chreigeanna agus faoi rasáin ar fad. D'fhéadfainn buta a chur chugad uair ar bith má tá aon-tsaint agad annta / Go dtugaidh Dia ciall duit! Tá

obair ag dul faoi agus thairis 'chuile lá ins an aer, ach is fhearr leis ag cothú na splaince in a dheidh sin ná a dhul amach agus buille eicínt a dhéanamh. 'Sé'n díomhaontas a bhuac sin, agus ba é ariamh / Nach bhfuil airgead ag dul fút agus tart ins an áit a bhfuil tú má tá sé de rath ort a shaothrú. Tá an oiread criathraigh annsin thuas agad agus nach bhfeic -fidh tú ídighthe go bráth é. Breagh nach mbaineann tú móin? Tá daoine thart annsin ar na bailteachaí ag strócadh ag iarraidh fir fánaighe agus ní ghabhfá leo / [Ní díol-truaighe ar bith é fear na tíre seo dhá bhfaghadh sé ocras féin. Nach bhfuil beatha ag dul faoi agus thairis. Tá neart faochan agus báirnigh agus cnuasach cladaigh annsin thíos (: ins an gcladach). Tá neart éisc annsin amuigh ar an gcuan, dhá mbeadh sé de rath air a dhul in a dhiaidh. Tá na breaclachaí sin beo le coiníní dhá gcuireadh sé d'anró air féin súileanna ribe a chur. Cá'r fhága tú a bhfuil de sméara agus de chubharláin, agus de thorthaí eile timpeall annsin. Is mór a thiubharfaí orra in áiteacha eile dhá mbeidís ann, ach níl]/ Bhí damhsaí ag dul faoi agus thairis ariamh agus aindeoin sin, sílim dheamhan coisméig (: coiscéim) aige. Níor thug sé faoi deara dhó féin a dhul ag aon-damhsa ariamh. B'fhearr leis istigh ag saghdadh faoi shean-riadairí agus ag fáil spraoi orra / Nach bhfuil "cigarettes" ag dul fúib agus tharaibh thoir annsin. Chuala mé go mbíonn siad go barr-bachall tigh Mh. igcomhnaí. Indomhnach teigheann dream as seo soir i gcomhnaí ann 'nuair a bhíos siad asta ins an áit seo, agus níor chuala mé gur h-eit-igheadh ariamh iad //[Ní raibh ag dul fúm ná tharm ach lann rásúir a cheannacht ach tháinic mé abhaile dhá h-uireasbhaidh in a dheidh sin. Sin é an dearmad igcomhnaí = bhí rún agam a ceannacht; 'sé an rud is mó a bhí ar m'intinn a ceannacht]/ Níl ag dul fúm ná tharm ach castáil uirre sin, nó go gcas-aidh mé léithe an chaint a chaith sí fúm. An rálach bhradach is beag an dochar di náire a bheith uirre a dhul ag caitheamh a leithid de chaint faoi dhuine ar bith / Ní raibh ag dul fúithe ná thairti ach sagart a dhéanamh de'n mhac sin, ach feacha an deis atá anois air: ina chiseach le ól is 'chuil' áit. D'eireochadh di croidhe dubh féin a bheith aice. Thóig sí é sin go muirneach — ro-mhuirneach b'fhéidir. / [Níl ag dul faoi ná thairis anois ach píosa talmhan' a fháil isteach i gcluasa an bhaile mhóir go dteighidh sé ag garrdhadóireacht agus ag cur "greens". Dar leis, déanfaidh sé saidhbhreas ar mheacna, ar oinniúin agus ar an ngabáiste chatach sin. Ach dheamhan a fhios agam. Is fusa na rudaí sin a rádh ná a dhéanamh]/ 'Ar ndú' níl ag dul fúm ná tharm ach é. Bhí mé len imeacht an t-am ar ghlan J. C. leis, ach chuaidh an tsean-bheirt go bog agus go cruadh orm, agus chaith mé as mo chloigeann aríst é. Faitíos atá orra faoi na rudaí nua seo atá ag toidheacht anall — an

V2 — ach má tá an t-imeacht ar dhuine 'sé an cás céadna dhó cá mbeidh sé. Is maith gasta a mharbhóchthaí duine ins an mbaile freisin / Ní raibh ag dul faoi ná thairis leis an fhad seo ach léasadh a thabhairt d'E. "Nuair a bhéarfas mise air cuirfidh mise faoi ndeara dhó, feicfidh sé féin air." In a leabaidh sin, 'sé E. a thug an léasadh dhó-san lá an aonaigh. Thug agus léasadh diabhalta /[Ní bhíonn ag dul fúm ná tharm 'chuile oíche ach scríobhadh aice, ach níl oíche ar bith nach mbacann rud eicínt in a dheidh sin mé. Chinnfeadh ort tada a dhéanamh ins an teach se'againne aon-oíche ag brothtuinn agus ag scoin-mhíol an bhaile ag eirghe in áirde agus ag gleo / Bhí mé inG. le trí Shatharn anois, agus 'sé a raibh ag dul fúm agus tharm 'chuile Shatharn, miodaichín eicínt de scian bheag a cheannacht a ghearrfadh mo ghráinne tobac dhom. Agus meastú ar fhéad mé cuímneachtáil uirre lá ar bith in a dheidh sin / Ní raibh ag dul fúm ná tharm ó mhaidin ach sciorradh suas go bhfeicinn cé'n chaoi atá ar an tsean-bhean seo thuas, ach bhí an oiread le déanamh in a dheidh sin, agus nach bhfuair mé ionbhadh air. Dhá mbeadh na seacht sraith ar an iomaire gabhfaidh mé ag breathnú uirre imbáireach. Níor chumaoin dom a dhul; ba mhaith í fhéin nuair a bheadh an t-anshógh ar dhuine. Diabhal bréag nar mhaith / Ní raibh ag dul faoi ná thairis 'nuair a bhí muid i M. ach a dhul isteach go B. L. go dteigheadh sé ag breathnú ar Mh. Dh. "Meastú cé'n t-am a mbeidh muid ins an mbaile" arsa mise. "Ar maidin" adeir sé. "Má teigheann muid ann, ní leigfidh siad abhaile anocht muid"]// Chuala mé ag dul tharm go raibh tú ag dul ag pósadh = chuala mé luaidreán, ráfla / "Chuala mé ag dul tharm é, ag fear as an Áird Mhóir, gur h-eitigheadh Seoirse Cartúr faoi inghin Dhomhnaill Phóil" (as lúibín) / Chuala mé ag dul tharm é, ach níl a fhios agam an fíor bréag é. Thiocfadh dó gurb é an fhírinne é, mar sin féin / Meastú an mise atá dhá chumadh. Is beag an baoghal. É a chloisteáil ag dul tharm mar sin: sin é a bhfuil d'údar agamsa leis. Má's fior nó bréag é, ní deas an scéal é, ar chaoi ar bith /[Dheamhan a fhios agamsa ó árd-bonnaidheachaí an diabhal céard is cor dó, agus is cuma liom, ach an chaint sin a chloisteáil ag dul tharm. Is beag an chluais a thug mé do'n scéal, ach tá mé dhá innseacht duitse anois, mar a chuala mé fhéin é, gan focal a chur leis ná a bhaint uaidh]/ Bhí sé ag dul thart annseo cupla bliain ó shoin go raibh J. agus a bhean le teacht abhaile agus leis an talamh a bhí ag máthair na mná a bhaint amach, ach níl tada faoi ó shoin / Tá an scéal sin ag dul thart ar aon-nós, ach níl aon-áird le tabhairt ar leath a gcloisfidh tú anois. Tá cumadóirí ar a mine-ghéire ag cur amach bréag. Níl a fhios agam cé'n sásamh a thugas sé dóib chor ar bith, ach tá siad amhlaidh ar chaoi ar bith / Má chloiseann tú ag dul thart go dtáinic sé

dhá h-iarraidh, ná caintigh ormsa, ná ná leig ort gur chuala tú tada in a thimcheall / Ní thugaimse cluais de leath a gcloisim ag dul tharm, ach is cosamhail in a dheidh sin go raibh údar eicínt leis an luaidreán sin. Ní bhíonn deatach ar bith gan teine, arsa tusa /[Dhá gcloiseadh sé rud mar sin ag dul thart, bhréagnóchadh sé é ar an toirt, agus dhá mbréagnuigheadh féin is aige a bheadh an ceart]/ Bíonn an oiread siomóideachaí agus paiteannaí ag dul thart, agus dhá ngéilleadh duine dhá leath go mbeadh sé in a chíor-thuaithbhill. 'Sé an chaoi a mbím féin, leigim isteach igcluais iad agus amach ins an gcluais eile, agus fágann sin, nach mbíonn scéal aonduine agam. //

"Dul" le "ag" chuig: tá sé ag dul ag (chuig) an scoil (ag dul ag an Aifreann, ag an teampall, ag an aonach, ag an mbainis agus rl.). / Bhí beithidhigh bliana ag dul h-ocht bpunt an ceann an t-am seo anuiridh, ach níl baoghal orra a bheith dhá dhul sin imbliana — fós ar aon-nós / 'Nuair a fheicfeas tusa dhá dhul sin iad — scór an ceann mar a theighidís ins an gcogadh ceana — abair an uair sin gur togha saoghail é / Chuaidh siad dhá phunt dhéag an ceann an t-aonach cheana. Má bhí siad dhá dhul indiu, ní fhaca mise iad, agus bhí mé cho luainneach ar fud an aonaigh le aon-fhear agaibhse /[Má chuaidh caoirigh an méid sin an uair níl siad dhá dhul sin anois, agus ní bheidh aríst go bhfeicidh tú scathamh / Cé'n fáth a dtiubharfainn breith do bhéil féin duit? Dhá mbeadh fataí dhá dhul sin, thiubharfainn duit é, ach is feasach duit féin cho maith liomsa nach bhfuil. Is fada uatha é]/ Níl plúr ag dul an oiread anois agus a bhí sé cupla bliain ó shoin. Dhá mbeadh sé dhá dhul anois, ní bheadh aon-ghoir ag na daoine a cheannacht chor ar bith / Ní fhéadfaidh tú an dubh a chur in a gheal ormsa. Is beag an baoghal go bhfuil móin dhá dhul sin, nó má tá, is ó arbhú indé é // Ní raibh a dhul abhaile aige nach gcaithfí ina bhéal é = casfaí leis é dhá dteigheadh sé abhaile / Níl a dhul siar agam ann, nach mbíonn sé romham imbéal an tseoil, ag forcabhás ar thobac // "Ag dul" mar bhriathar congantach. Tá ag dul an-choitianta mar bhriathar chongantach agus é ag teacht isteach tuilleadh déarfainn: tá sé ag dul ag déanamh an tighe; tá mé ag dul ag bualadh coirce; bhí mé ag dul dhá thóigeál marach go dtáinic tú; bhí mé ag dul ag leigean fead go díreach ort; beidh sé ag dul ag tarraint fheamainne imbárach agus rl. /

Dul le le (leis agus rl.): beidh sé ag dul le abhainn anocht (: ag dul ar an abhainn ag saghdadh) / Chaith sé an lá ag dul suas agus anuas le abhainn (: leis an abhainn. fc. somplaí: ag dul go) / Chuaidh sé siar le claidhe / Gabh anonn le bóthar / Teirigh soir le cladach / Gabhfaidh mé ann le loch = gabhfaidh ins an áit a bhfuil mé ag dul le

dhul le taobh na locha / An ndeachaidh sé le cladach le cupla oíche / Chuaidh mé le cladach ar maidin ag tóraidheacht raic (wrack) / Gabh suas le balla as sin / Chuaidh mise le balla agus chuaidh seisean ar colbh (: i leabaidh) / Chuaidh siad siar le tór-ainn / An ndeachaidh tusa siar le sconsa an uair sin (: leis an sconsa) / B'fhearr dhuit a dhul suas le bruach nó feicfidh sé tú /[An ag dul le sruthán atá tú. 'Sé is fearr duit]/ Ní thú a chonnaic mé ag dul soir le céibh / Gabh anonn le uachtar / An ndeachaidh tú siar ó dheas le iochtar / Má tá tú ag dul le claise, ná fág aon -cheo bruimfheir ann. Tá an giodán sin le claise (: clais an tsrotha) an-tsalach / Chonnaic mé an bád ag dul siar le cloich (: fc. cloch) / Chonnaic mé é ag dul suas le easca indiu / Sin é an áit a fheileas duit: a dhul le leachta. Tá an talamh sin deacair / [Ná teirigh soir le cnocán annsin. Tá an áit faoi dhriseachaí agus faoi dheilgní ar fad. / Ná gabh síos le tráigh chor ar bith. Ní bhfuighidh tú a dhath annsin / Chuaidh sé siar le cíor agus chuir sé corr-shlam annseo agus annsiúd, ach cé'n mhaith sin? Tastuigheann an teach ar fad a chur. Níl orlach bacaird ann, nach bhfuil ag leigean isteach]// Tá an bád ag dul le sruth = ag imeacht ins an bhfeacht / Má bhaineann tú maide (: crann) ar bhruach na h-abhann, agus a chaith amach, gabhfaidh sé le sruth anuas go dtí an chara bheag agus féadfaidh tú a thógáil go deas annsin /[Sin currach atá ag dul le sruth. / Níl annsin ach feamainn atá ag dul le sruth]/ Chuaidh sí le sruth orainn faoi thoildeona Dé / Ná leig de do mhaidí a dhul le sruth anois = ná leig aon-bhuille marbh in do ghnathaí / Tá airgead ag dul le gaoith annseo istigh = dhá chaitheamh go rabairneach nó go drabhlásach /[Chuaidh currach le gaoith annseo thiar aréir = d'imigh sí de'n chladach ag an taoille / Sin cuid de'n fheamainn atá ag dul le gaoith (fc. gaoth)]/ Tá sé imighthe le gaoith anois = an t-airgead caithte / Tabhair aire dhuit féin ag dul le fánaidh. Níl na "brakes" sin thar mholadh beirte / Chuaidh sé le aill = thuit sé le aill = le fánaidh aille / Chuaidh sé le fán ar fad le goirid // Tá sé ag dul le buile = olc nó fearg air / Chuaidh sé le buile agus le báine (báinidhe) = tháinic olc agus rl. air = bhuail olc é / Gabhfaidh sé le dod má 'eireann (: deir) tú é sin (fc. dod) / Rachaidh sí le cuthach (le gaoth na gcnoc) má chloiseann sí sin / Chuaidh sé le drabhlás = chuaidh sé chun drabhláis // Tá sé ag dul le dlí = ag foghluim dlí; le slí bheatha a dhéanamh de'n dligheadóireacht agus rl. / Gabhfaidh sé le ceird = ag foghluim cheirde / Tá sé ag dul le ceird /[Nach breagh nach ndeachaidh tú le ceird eicínt fadó, agus gan a bheith ag cur do shaoghail amú mar sin / Nach gann a chuaidh an saoghal air, má' sin í an cheird a ndeachaidh sé léithe faoi dheireadh / Tá 'chuile cheird cinnte ort anois. Meastú an ngabhfá le gadaidheacht nó le crochadóireacht. Dhá cheird]

ghnaoidheamhail go leor iad sin bíodh a fhios agad]/ B'fhearr dhó a dhul le scoil ná leis an gceird sin. Dheamhan lá foráis a chonnaic mé ar aon-duine ariamh a chuaidh le táilliúireacht: ag imeacht ag ól agus ag bruighin is chuil' ait — sin é a gceird /[Chuaidh sé le gréasaidheacht idtosach, ach ghránuigh sé di sin, agus chuaidh sé le gaibhneacht annsin. An dá mhar a chéile an ball séire agus a ghiolla chreidim]/ Ní dheachaidh sé le figheadóireacht nó go raibh aois mhaith aige. Bhí na chúig bhliana fichead sáruighthe aige déarfainn / Is sean ins an saoghal nó go ndeachaidh sé le cneamhaireacht, ach ma ba shean fhéin, thug sé isteach ar chaill sé roimhe sin, marach gur cuireadh i bpríosún é / Sílim go rachaidh mé le bádóireacht ar fad. /[Ghabhfadh an mac is óige le siúinéaracht — 'sé a raibh uaidh é — dhá bhfaghadh sé aon-ugach, ach sin rud nach bhfuair sé. B'fhearr leis an athair a bheith ag breathnú annsiúd orra ag leiciméaracht ná a gcur le ceird fhiuntach ar bith. Tá rud ar a shon aige anois / An uair a ghabh sé sin le "bacsáil" i dtosach ní raibh oiread priompalláin ann. Ach chaith sé léithe in a dheidh sin ariamh ó shoin]// Chuaidh sé leis = chuaidh sé ag troid (: ag caraidheacht, ag dornáil agus rl.) leis / An bhfuil aon-mheas agad ort fhéin. B'fhearr dhuit a dhul liom. / Bhí siad líomhtha ceart a dhul le chéile, ach rinneadh eadarascán. Bhí a leigean le chéile, go bhfeicfí cé aca ab fhearr / Ní ghabhfaidh mise leis. Ní comórtas ar bith dhom é — fear atá dhá reamhrú le feoil 'chuile lá / "Anois b'fhéidir, is gearr go mbeidh a fhios cé hé searrach na deagh-lárach" adeir P. Ch. agus an bheirt ag tarraint ar a chéile agus ag cur gothadh troda orra féin. Ach ní ghabhfaidís le chéile in a dheidh sin. Bhí claonadh ag 'chaon duine aca ó'n gceann eile /[Teighidís le chéile anois má's breagh leo é. Tá mise sáruighthe ag déanamh réidhtigh ó a tháinic an oíche. Is mór an peacadh ó atá an oiread sin díocas orra go gcoinneochaí ó chéile iad]/ Ghabhfainn leis muise, marach leisce a bheith orm a ghortú. Th'éis ar dhubhairt sé liomsa diabhal mé go bhfuil gnaoi agam air. Ba é an t-ól a chuir an deis air a bhí air / Teirigh leis, má tá an oiread sin fonn ort, agus ná bí ag sceaimh-ínteacht annsin i bhfad eile. Troid na mbó maol a bhéas ins an troid seo sílim // Breagh má d'iarr sé thú nach ndeachaidh tú leis (: ag obair) / Chuaidh mé lá leis (: ag obair dó) annseo anuiridh ag baint fhataí, agus diabhal aithne a bhí air nach dom' íoc a bhí sé, bhí a laghad sin buidheachais aige orm. Beidh a shliocht air: Beidh fiannaidheacht air shul a chuirfeas mise

láighe i dtalamh aríst aige. /[Nach diabhlaí nach rachadh sé leat má tá páighe ag teastáil uaidh, ach is fhearr leis ag imeacht ag leadaidheacht mar siúd]/ Nach dalba an mhaise dhó é. Bhí M. Ph. Mh. dhá iarraidh cupla lá leis an móin agus thairg sé seacht agus sé pighne ins an ló dhó, ach dheamhan a chos ná a chnáimh a ghabhfadh lá ná leiceann leis, mara bhfaghadh sé deich scilleacha ins an lá. "Is túisce a thiubharfadh an Diabhal leis thú ná a thiubharfainnse deich scilleacha dhuit" adeir M. /[Chuaidh P. Sh. dhá lá leis ar son Dé, agus bhain sé naoi scilleacha ins an ló dhó (: dhe). Tá breith a mbéil féin anois ag fir fánaighe]/ Ní rachadh aon-duine aca lá leat dhá mbeadh na seacht sraith ar an iomaire agad, th'éis cúigear leoistí aca ann agus gan tada ó Dhia anuas ar a n-aire féin ach ag coinneál míoltógaí de na fuinn-eogaí /[Bhí agad a theacht cupla lá liom ag baint choirrlighe. Fear breagh teangmháilte mar thusa nachar mhór le na liúrachaí siúd a thabhairt ó'n mbun.]/ Is mór an díol-truaighe í gan duine ar líon na gCríostaidhthe aice le súileoig fhataí a chur. Ba mhór an trócaire do bheirt nó triúr agaibh a dhul cupla lá léithe agus an póicín fataí siúd a chur di. Ní bheadh sib aon-chupla lá leis chor ar bith // Chuaidh sé leis abhaile = d'imigh leis abhaile = shiubhail sé leis abhaile (Imigh go h-iondamh-ail ins an leagan seo) // Len a athair atá sé ag dul = d'aithneochthá as a athair é; tá sé ag dul i gcosamhlacht len a athair as a chruth agus a dheallradh; 'siad na bealaigh céadna atá leis agus atá leis an athair /[Ní liomsa a chuaidh tú. Dhá mbadh eadh, ní thiocfá abhaile de'n aonach gan do dhóthain a bheith ólta agad. D'ól mé mo dhóthain agus thug Dia rud dom in a dheidh sin. Deir siad go dtugann sé do chroidhe a chaithte é. Le muintir do mháthar atá tú ag dul. Ní fhaca mé ariamh iad nach in a gcneagairí a bheidís, ní fhaca sin]/ Cé leis a bhfuil sé ag dul meastú. Déarfaidís seo gur liomsa é, ach feicthear dhom go bhfuil súile friochanta an athar aige agus an smig /[Go deimhin duine ar bith a chonnaic an mháthair ariamh, is furasta aithinte dhó gur léithe atá sí ag dul: Na mailí céadna agus an clab truisc céadna freisin]/ Le t'athair atá tú ag dul críochnuighthe. Tá cúl do chainte leat go díreach mar atá leis-sean. / Má theigheann tú le na C-e, beidh gnaoi na ndaoine ort. Ba lághach feilmheanach an dream ar chnoc agus ar chnocán ar bhóthar agus ar fhiodán iad ariamh, ní as ucht mise dhá rádh é / Níl a

fhios agam cé leis a ndeachaidh tú chor ar bith le go mbeitheá in do fhleascach mar atá tú. Is deas puinteáilte an bhean í do mháthair, agus ní taise do t'athair é: tá sé sáthach gusamhail len a rogha gnatha a dhéanamh / Má theigheann sé len a shean-athair, beidh a dhóthain cóirí catha aige ar chuma ar bith /[Is tú t'uncail déanta. Ní le duine ar bith eile atá tú ag dul ach leis! Sí an spágaireacht chéadna atá ag an gcupla agaibh bail ó Dhia oraibh, ó a chaithfeas mé é a rádh líb / D'eile cé leis a mbeadh sé ag dul ach le muintir a athar. Tá an braon mór ann bail ó Dhia air. Cuirfidh sé sin taobhach ar dhaoine ach a dteagaidh aois dó. Searradh bó (buadh?) agus biseach ort, a mhaicín!]/ Nar ba buil le Dia é a dhul len a shean-mháthair ar chaoi ar bith, mar b'olc í go ndéanaidh Dia grásta uirre / Dhá dteighinn leatsa, ní easba triollúis a bheadh orm ar chaoi ar bith // Tá tú ag dul ro-fhada ar fad leis an scéal (leis an gcaint, leis an magadh; leis an ealadhain agus rl.) anois = dhá leanacht ro-fhada; dhá chur i bhfad scéil; is gearr go gcuiridh sé fearg nó mí-thaithneamh ar dhaoine mara n-eirighidh tú as // Ní raibh do chuid cainte ag dul síos leis chor ar bith = ag taithneachtáil [B'fhéidir gur Béarlachas é = "going down with him"] // Ní raibh ag dul síos leis ach damhsa agus ól agus ragairne agus ba dona a chuaidh siad dó as a dheireadh, ní dhá roint leis é = ní raibh ag cur imní air; ba é mian a chroidhe é [ní mheasaim gur Béarlachas é sin ar aon-nós. Tá sé ag dream nach bhfuil fuigheall Béarla dhá laghad ar a gcuid cainte] /['Sé a raibh ag dul síos leis ins an am sin, í sin a fháil le pósadh. Ní raibh splanc aige in a diaidh. Ach d'imigh sí agus phós sí fear eile agus d'fhág -a sí ar an tráigh thirm é]/ Níl ag dul síos leis — 'sé a bhfuil ag dul idir é agus codladh na h-oíche — ach "mótar-bicycle" a fháil, go bhféadaidh sé an tír a shiubhal /[Ní raibh ag dul síos linn an uair sin ach ceol agus spóirt agus míádh. Dhá gcloiseadh muid go mbeadh damhsa áit ar bith idir agus U. níorbh fhéidir muid a choinneál as. Nach hé an cnáimh a lúb ó shoin! Is furasta a (: ar) ndóthain damhsa a thabhairt duinn anois faraor]/ Sin í an óige agad i gcomhnaí! Ní bhíonn ag dul síos léithe ac macnas agus meanmna agus eirghe-in-áirde. An dtiubharfá milleán dóibh. Bhí tú féin óg scathamh. Is iomdha lá ag an roillic orainn a mhic ó / [Tá suim mhór aige siúd in do chuid féir go deimhin! Nach bhfuil a fhios ag do chroidhe istigh nach in éadan féir a ghabhfas sé siúd Dé Domhnaigh dhuit. Dheamhan é dhá lobhadh sé ins an tsraith. Tá mé siúráilte nach bhfuil ag dul síos leis ach féar muis!]/ Ní raibh ag dul síos léithe sin ó a bhí sí in a malrach ach a cuid

leabhar, agus tá a shliocht uirre. Tá sí amuigh in a máistreás scoile anois / Sáthach fada a bhí sé le dícéille. Níl ag dul síos leis anois ach airgead. Mara bhfuil féin, 'sí a leasmháthair a thóigfeadh sin air. 'Sé an t-airgead an dia beag atá aca uilig /[Ní raibh ag dul síos leis an antlachán sin aon-lá ariamh ach talamh, talamh. Chuirfeadh sé baintreach a mbeadh lán púirín na h-átha de mhuirín uirre de dhruim tighe dhá mbeadh a fhios aige go bhféad -fadh sé a dhéanamh. 'Ar ndú' d'fhéach sé leis cheana agus chinn sé air. Is beag an tsúil le Dia é duine a bhíos ar a cheird.]// D'fhéach sé sin féin ach ní dheachaidh leis = níor eirigh leis; chinn sé air a bheart nó a chúis a chur igcrích / Shíl sé an chréatúlacht a dhéanamh ach ní dheachaidh leis. Tapuigheadh in am é / Má ghníonn sé sin muise ní rachaidh leis. 'Leabharsa féin ní rachaidh. /[Má chuaidh leis an uair sin ní rachaidh leis i gcomhnaí. Dhá fhad dhá dteigheann an madadh ruadh beirtear air ins an deireadh, in a dheidh sin]/ Chuaidh sé ar chneamhaireacht ag ceapadh nach mbraithfí é, ach ní dheachaidh leis. Rugthas air ina dheidh sin, agus chuaidh sé daor air / Is maith an scéal é nach ndeachaidh leis sin ar chaoi ar bith. Mharbhuigh sé a bhean: nach raibh sé follasach ag Feara Fáil. Níor thruaighe ar bith é, ná aonduine eile a dhéanfas a mhacsamhail de cleas /[Is beag nach ndeachaidh leis an bhfear sin a chuir a bhean ins an tobar. Ach chionntuigh sé féin é féin in a dheidh sin. Dá fheabhas a mbíonn de phleain-eannaí aca, fágann siad marach eicínt ar a gcuid cúrsaí i gcomhnaí. Marach go bhfágann: ní bheadh duine ar bith ins an tír ins an gcomhaireamh ceann. Bheadh 'chuile dhuine marbhuighthe ag duine eicínt eile]/ Ní dheachaidh leat a ghleacaidhe an babhta sin dhá imeartha thú. Shíl tú go raibh mise feidheartha agus go n-eireoch-adh cuig leat ar do dheich, ins an achar gearr. Is cosamhail nach miste leat faoi'n mbun árd, ach do chúig féin a fháil / Ní rachaidh leis muis nó is cinneamhaint ormsa é. Tá cupla "gíománach" agamsa ins na bólaí sin, agus níl agam ach an scéal a mheabhrú dhóib, agus ní chuideochaidh siad tada leis ach a dtosuighidh siad /[Ní rachadh leo marach an chaoi a dtáinic an saoghal, agus gur áitigheamar féin a chéile. Bhí sé bruithte ar bhainne dhó agus gheobhadh sé a phasóid. Ach ar an dá luath agus ar eirigh "power" leis an dream eile thosuigh sé ag brughadh orra, agus ba ghearr go mbadh é togha an domhain aca é. Thastuigh a bhót agus a chuid airgid uatha, agus buaileadh cois ar an spiadóireacht. Is ait an mac an saoghal a

dhearbhráthair mo chroidhe!]// Is aigeanta an mhaise dhó é, ach ní rachaidh leis feadh agus mise T. a fheiceál. Deirimse leat go n-innseochaidh mise do T. cé hé féin agus céard a shíl sé a dhéanamh orainn. Dhéanfadh T. gar ar bith a d'fhéadfadh sé domsa // Tá sé ag dul righte (cruadh, déan, deacair, anróighteach agus rl.) liom cúis ar bith a dhéanamh anois = is ar éigin a fhéadaim agus rl. = is beag nach bhfuil sé ag cinnt orm agus rl. / Chuaidh sé go snaoim (: snaidhm) an rópa leis nachar marbhuigheadh é = chuaidh sé rí-ghar dó / Chuaidh sé chois croidhe liom é a fheiceál ins an gcaoi sin, ach céard d'fhéadfainn a dhéanamh = chuir sé an-charghas orm // Chuaidh leis sáthach fada, ach ní bhíonn bóthar ar bith nach mbíonn casadh ann in a dheidh sin = d'eirigh leis; níor brathadh nó níor bacadh é (fc. somplaí — "ní dheachaidh leis" thuas. Is coitianta an leagan "ní dheachaidh leis" ná "chuaidh leis") / Chuaidh leat an "trip" sin, ach ní bhfuighidh tú ar do chomhairle féin mar sin i gcomhnaí é, ná dheamhan baoghal ort / Chuaidh léithe sáthach fada, ach rugthas uirre ins an deireadh dhá imeartha dá raibh sí /[Rachaidh leis tamall, ach is maith an staic tamall. Ní bhíonn rud ar bith ach tamall / Chuaidh leis an-fhada leis an bpoitín, ach in a dheidh sin agus uiliog, tóigeadh é faoi dheireadh thiar. Is deacair a dhul uatha (: ó na póilíos) i gcomhnaí]//

"Dul" le "chun", 'un; tá sí ag dul 'un dathamhlacht' = dathamhlacht ag teacht innte /[Is mór a chuaidh sí 'un breaghaichte le goirid / Chuaidh an lá 'un breaghaichte ó am dinnéir / Déarfá go ndeachaidh sí 'un lághaidheacht' ó d'imigh sí. Sílim go ndeachaidh freisin. Shílfeá nach bhfuil sí cho bundúnach agus a bhíodh sí]/ Tá an madadh sin ag dul 'un oilbhéas. Ach sib féin is cionntaighe. Breagh a mbíonn sib acht agus áirid ag spochadh leis / An uair a thosuigh sé ag dul 'un droch-mhúineadha, tháinic cubhar len a bhéal, agus mhaithfeá do Dhia gan a bheith ag breathnú air. Bhí a dhá shúil ag dul amach as a cheann le scéin /[Is furasta leis an gceann céadna a dhul 'un droch-mhúineadha. 'Sé a bhfuil le déanamh agad do mhéir a árdú mar sin leis agus tá sé splanctha ar an toirt]/ Má thosuigheann sé ag dul 'un feirge, chomhairleochainn duit gan fanacht in a ghoire, arae tá anam duine air in a chuid uilc / D'áitigh an capall ag bruimseálacht agus ag dul 'un meargántacht' agus shíl mé nach gceannsóchainn chor ar bith í. Tá sí cho giogach leis an diabhal 'nuair a fheicfeas sí bus, agus ní ghlacann sí scáth roimh na mótair bheaga chor ar bith. Nach aisteach sin anois. / Má labhairigheann tú air sin rachaidh sé 'un stuaic' air, agus ní bheidh focal de'n chaint aige arís go ceann coicíse. Tá sé an-phusach go deo / Tá sé ag dul

'un staince ar an mbodach seo aríst. [Ní dhéanfaidh sé aon-cheo faoi shásamh aríst go faoithin. Ní dóichide cleas dhá ndeanfadh sé anois ná an láighe a chaitheamh 'dtigh diabhail annsin ar fad, agus lascadh leis soir ag an S.]/ Ná teigheadh sé 'un bundúin aríst ort fearacht ar ball. Breagh nach mbeadh foighid agus éisteacht agad. Is fada dhuit do shaoghal ar an gcaoi a bhfuil tú /[Chuaidh sé 'un staiceamhlacht' (fc. staiceamhlacht) uirre, agus ní fhéadfadh muid aon-cheart a bhaint di aríst go ceann dá lá. Nach diabhlaí an bealach atá léithe do bhean óg a fuair oileamhaint agus tógáil cho maith léithe]/ Tá sé ag dul 'na h-uaire móire air. Leigidh dó ar fad anois, agus ná scanruighidh tuilleadh é, i gceann mar atá sé (fc. uair mhór) / Chuaidh sé 'na h-uaire móire críochnuighthe air nuair a chonnaic sé an póilí / Ní féidir gur ag dul 'un drugaill atá tú. Má seadh ná bac leat féin. Shíl mé go raibh misneach thairis sin agad. / Chuaidh sé 'un drugaill air, nuair a chonnaic sé gach agus a raibh le déanamh / Tá mé ag dul 'un drugaill anois roimh an aistir sin. Sílim go bhfuil an tabhairt ro-fhada /[Tá a chuid ag dul 'un maitheasa dó, bail ó Dhia agus ó Mhuire air = tá slacht nó snuadh a chodach air = níl a chuid ag dul amú air]/ Go dteighidh sé 'un maitheasa dhuit a dhuine chroidhe / 'Chuile ghreim dhá n-itheann sé sin teigheann sé 'un maitheasa dó. Is furasta aithinte air é, bail ó Dhia air! /[Bhíodh sé sin an-cholgach ag eirghe suas dó, ach tá sé ag dul 'un míne (míneadais, 'un míneacht) go mór le goirid]/ Beidh an bealach ag dul 'un míne anois as seo amach. Tá an bealach garbh uiliog scoithte agad / "'Chuile líne ag dul 'un míne agus 'un bréige" / Sílim go ndeachaidh tú 'un bréige, ó d'imigh tú ó bhaile = tugtharach do bhréaga /[Tá sé ag dul 'un imní air / Ná teigheadh sé 'un imní ort anois chor ar bith. Beidh sé annseo gan mórán achair]/ Chuaidh sé 'un leithid ar fad ó a fuair an mac an poistín salach sin atá aige / Measaim nachar mhór cromnasc a chur ar an ngamhain sin. Tá sé ag dul 'un bradaola (: bradghaile) / Chuaidh sé 'un críonnacht' agus 'un gleacaidheacht' ó a h-imrigheadh air fadó faoi'n airgead. Ní bhfuighfear cho bog aríst é go ceann fada sílim / Má theigheann sé siúd 'un díocais ceart leis an obair, ní bheidh aon-cheo di gan déanamh faoi cheann dá lá /[Bhí sí an-leigthe léithe fhéin, ach shílfeá go bhfuil sí ag dul 'un cuíbheamhlacht le scathamh. Thas-tuigh sin uaithe má tá féin]/ Gabhfaidh sé 'un drabhláis ar fad má ghníonn tú sin leis. Nach mb'fhearr dhuit cead a chinn a leigean leis faoi

láthair go bhfeicidh tú leat. / Tá sé ag dul 'un teanntáis anois ar na daoine / Is mór a chuaidh sé 'un dícéille ó'n am nach bhfágfadh sé an splainc amach aon-oíche beo. Ní féidir a choinneál istigh anois / Tá na daoine ar fad ag dul 'un gangaide thar agus mar a bhídis fadó. /[Nach thú atá ag dul 'un simplidheacht'. Cheal nach mba léar dhuit nach raibh sé ach ag séideadh fút. Bíodh a fhios agad gurb shin é an méid / Shílfeá duine atá cho fada ins an áit anois leis go rachadh sé 'un tíreamhlacht thairis siúd. Ach dheamhan athrú air, thar an gcéad lá a dtáinic sé, ná cuid d'athrú / 'Sé an chaoi a ndeachaidh sé 'un ciotaola (: ciotghaile) ó d'imigh sé]/ Is beag a chuaidh sé 'un gnaoidheamhlacht, a Thighearna ó a d'eirigh an t-airgead leis. Níl a fhios agam nach ag dul 'un tuataola (: tuathghaile) féin atá sé / Chuaidh sé 'un saidhbhris go mór ó a cheannuigh sé an talamh thuas / Gabhfaidh sí 'un dodaola má theigheann duine cuideáin dhá bleaghan /[Tá an bhudóig sin ag dul 'un raimhreacht ó a doireadh í / Is mór a chuaidh sé 'un siléige ó a phós sé / Ag dul 'un leisce atá tú 'chuile lá. Is gearr nach leigfidh an leisce dhuit an teine a thógáil de chois duine]/ Tá an aimsir ag dul 'un cruadhóige 'chuile lá feasta. Nach bhfuil muid imbéal an earraigh thall / Shílfeá go bhfuil an trathnóna ag dul 'un fionnórtais (: fionnuartais). Is mór is fiú sin féin le h-ais an bhruth a bhí ann ó mhaidin / Chuaidh an lá 'un meirbheadais, ó a chaith sé an múirín gréine sin / Ní fhaca tú aon-duine ariamh atá ag dul 'un cuthaileadais ach í, th'éis cho teann agus a bhí sí an uair a bhí sí in a páiste / Chuaidh sé buille chun fuaicht le scathamh /[Tá sé ag dul 'un fuaicht go mór / Meastú nach ag dul 'un donacht atá sé. Sin é adéarfainn. Níl aon-mheas ag an dochtúr air / Is mór a chuaidh sé 'un donacht le uair féin. Gheobhaidh sé rud le déanamh agus an oíche a shárú / Chuaidh an aimsir go mór 'un donacht le seachtain / Tá tú ag dul 'un feabhais baile ó Dhia ort!]/ Chuaidh sé 'un laige ó chonnaic mise cheana é / Dhá mhéad dhá bhfuil sí ag dul 'un laige, níl aon-cheo ar a teanga fós, ná dheamhan é. / Is breagh a chuaidh an laogh sin 'un cruadhais le mí / Beidh an uair ag dul 'un cruadhais anois 'chuile lá feasta / Is mór a chuaidh mé 'un deireadh le cupla bliain, ach tá aois mhór agam anois /[Tá an bhó sin ag dul 'un deireadh / Ní dheachaidh fataí mórán 'un tosaigh ó a tháinic an spalpadh seo / Ní rachaidh duine ar bith 'un tosaigh le cneamhaireacht]/ 'Sé an chaoi a bhfuil tú ag dul 'un bacaola (: bacghaile) tuille chuile lá. Dubhradh leat a dhul roimh an gcois sin, ach ba bheag an mhaith sin. Tá rud ar a shon anois agad /

Tá sé ag dul 'un gileacht (gile) shílfeá. Is gearr go n-eirighidh an ghealach / Cé'n fanacht atá oraibh: ag ceapadh go ngealfaidh an oíche. Nach ag dul 'un duibheacht' atá sé / Is mór a chuaidh tú 'un téagair (: 'un toirte) le cupla bliain / Gabhfaidh sé 'un báistighe cheapfainn / Chuaidh sé 'un fliucháin an t-am seo anuiridh. Neartuigh an toirneach leis / Tá sé ag dul 'un suime duit féin cho maith liomsa (fc. suim) / Ag dul 'un droch-uaire atá sé le 'chuile chor. An dtáinic a leithide d'aimsir ó a rugadh an chéad-fhear? Droch-sheans go dtáinic / Tá an teach ag dul 'un sailigheacht' aríst, th'éis m'anró dhá ghlanadh agus dhá sciúradh / Ná leig dó a dhul 'un taighd, ná caithfidh sé anuas a bhfuil ins an teach / A Dhia dhá thárrtháil! Bhí an conuas seo thiar ag an Aifreann indiu. Is cosamhail go bhfuil sé ag dul 'un diagantacht' faoi dheireadh agus faoi dhó (: dheoidh?). [Is fhearr go deireannach ná go bráth, arsa tusa]/ Chuaidh sé 'un faitís orm nuair a chonnaic mé a raibh aca ann, agus gan smiaróid (: sméaróid) ag ceachtar aca le ól / Mara dteighidh sé 'un coimhighis leatsa ó thárla nach bhfuil aon-aithne aige ort. Is fhearr dhuit mise a leigean aige /[Ná bac le cosamhlacht thart a bheith air. Ag dul 'un fad (faid) atá sé. Dubhairt Churchill an lá faoi dheireadh go mbadh cogadh go ceann trí bliana fós é]/ Chítear dhom go bhfuil an treobhsar sin ag dul 'un girreacht, mara mise atá ag fás fós! / Ag dul 'un cantail aríst. Is mór an tseanmóir thú, is mór sin / Daidhean (: dheamhan, diabhal) mé gur ag dul 'un mí-shlaicht atá sí. Níl ainnis ar bith anois innte, té (: cé) go raibh sí maith go leor agus í in a girrsigh / Tá sé ag dul 'un buidheacha (buidheaichte) 'chuile lá dhá bhfuil dhá chaitheamh / Is mór a chuaidh an mhóin seo 'un truimeacht ó a cuireadh i gcruaich í. Ach d'eireochadh dhi. Fuair sí neart na báistighe /[Is gearr go dteighidh sé 'un cailm aríst. Tá sé ag leigean faoi beagán cheana / Ag dul 'un seaca atá sé. Sháruigh an oíche anocht a dtáinic fós / Beidh na casáin ag dul 'un buigeacht anois as seo amach. Duine ar bith nach bhfuil a chuid móna amuigh aige anois, tá sé réidh len a cur amach / Is mór atá an uair ag dul 'un ceo shílfeá]/ Dhá dteigheadh sé 'un ceo ort ar na cnuic sin, bhí do chnaipe déanta. Ní changlóchthá aon-fhata le do mharthainn aríst / Chuaidh "tyreannaí" 'un gainneacht' ar fad le leath-bhliain anois. An uair a bhí siad bun-fhairsing féin, ní bhfuightheá "tyre" gan lán laidhre / Shílfeá go mbadh cheart d'uibheachaí a beith ag saoirsiú feasta ó tá siad ag dul 'un fairsingeacht'. Ach níl aon-chos-amhlacht orra fós, pé aca sin é / Dhá fhada dhá bhfágfaidh tú é, is amhlaidh is mó a

a rachas sé 'un leithid (: poll) / 'Sé an chaoi a bhfuil sé ag dul 'un lúid ó a fuair sé an pinsean. Is mór a tharraingeochas sé sin dhe, tá mise ag rádh leat / Má fhágann tú annsin é faoi'n mbáistighe gabhfaidh sé 'un tibhe (: 'un tiughacht, 'un tibheacht) / Is cos-amhail le trathnóna é a rachadh 'un gála /[Chuaidh an garrdha sin 'un bruimfhéir ar fad anuiridh, rud ab annamh leis, agus ní raibh aon-fhata 'rath air = rinne sé bruimfhéar / Má fhágann tú mar sin é, agus gan na clascannaí a thógáil, gabhfaidh an giodán talmhan' sin ar fad chun fiadhántais]// Chaith sé a shaoghal ag dul 'un dlí = igcúirteanna agus eile / Má theigheann tú 'un dlí leis, tusa a bhéas siar leis // Tá sé ag dul 'un seachtaine ó a chonnaic mé é = ní fhaca mé é le ionann agus seachtain / Bhí sé ag dul 'un bliana ó a chonnaic mé roimhe sin é, agus shílfeá gur anuas as mullach an aeir a thuit mé aige, bhí an oiread sin fáilte aige romham /[Tá sé ag dul 'un seacht mbliana anois — seacht mbliana go féil Pád -raic seo chugainn ó a cuireadh í. Cuimnighim go maith go raibh muid thiar ins an roinnín ag déanamh na h-uaighe agus go ndeacha D. S. tharainn síos ag iarraidh mathlach feamainne.]/ Bheadh sé ag dul 'un míosa sílim, ó a bhí sé annseo go deireannach. Thug sé cúl ar fad duinn th'éis nachar chuir muid araoid ar bith air, ach bhíodh na gearrchaileadha ag déanamh buthae críochnuighthe dhó (: dhe) /[Ó, tá sé ag dul 'un deich mbliana fichead ar chuma ar bith. Tá a fhios agam go maith nach raibh ionnam féin agus in T. Sh. ach sean-ghasúir agus muid thíos ann. Is gearr an mhoill a bhíos ar na blianta chor ar bith]/ Tá sé ag dul 'un ráithe ó a gheall sé go dtiocfadh sé lá liom ag caoladóireacht agus go dtiubharfadh sé beairtín slat agam as a shail féin ag teacht dó. Ní fhaca mé aon-amharc air fhéin ná ar an mbeairtín ó shoin, agus ní fheicfidh ach oiread chreidim. Sin é an deagh-ghealladh agus an droch-choimhlíonadh i gcomhnaí. Tá na cléibh gan déanamh fós /[Ba bheag an aois a bhí chor ar bith aige. Má bhí sé ag dul 'un dá scór ba é a chloch neart é. Cailleadh óg go leor é an duine bocht. Ach sin é an chaoi a mbíonn sé: níl a fhios cé's túisce craiceann na sean-chaorach ar an bhfraigh na craiceann na caorach óige]/ Tá sé achar is fuide ná sin cheapfainn. Sílimse go bhfuil sé ag dul 'un deich míle. Is maith búan an choisméig (: coiscéim) é ar aon-chor. Cuimnighim gur shiubhail mé lá é … /[Tá sé thar am a íoctha ar chaoi ar bith. Cá'il an té a d'éistfeadh leat dhá bhliain, ach é féin; agus tá an t-airgead sin amuigh le dhul 'un dá bhliain. Agus níor chuir sé aon-éiliú ariamh air. Is fiú é sin, rud a fhágáil aige, ní hé sin do'n phuicéara de shiopadóir atá imbéal an doruis aige]/ Tá sí ins an aspuicil (: óispidéal) anois le dul 'un bliain go leith, agus níl aon-mhaith fós uirre, ná aon-chaint air. Tá faitíos orm nach

dtiocfaidh sí beo as choidhchin /[Níor bhlais mé d'aon-deoir anois le dul 'un trí bliana — ó'n uair a bhí mé ag troid ar an aonach agus ar tóigeadh mé. Ní bhlaisfead ach an oiread le congnamh Dé. Níor bheag dom an t-achar ar chaith mé ag blaiseadh dó dhá mbeadh neart air]//

"Dul" le "ó": tá mo chuid oibre ag dul ó dhéanamh orm = ní fhéadaim a déanamh; Tá an iomarca le déanamh agam agus ní fhéadaim freastal dhá leath / Chuaidh an pota ó thógáil air = ní raibh sé indon a thógáil. / Chuaidh an mhóin ó ghróigeadh orainn imbliana len a raibh againn di. Bhí sé fánach ag beirt freastal di, bhí sin / Tá an fheamainn dubh siúd — fás trí bliana — ag dul ó bhaint orainn, len a bhfuil ann di. Ní fhaca mé cho maith le fada cheana í / Rachaidh an fheoil sin ó ithe oraibh, mara mbruithidh sib í feasta. Níl coinneál ar bith ag caoirfheoil an tráth seo 'bhliain /[Bhí iasc glas ag dul ó ithe orainn an bhliain sin, le na raibh againn dhe. Bhí sé in a bhrachlainn amach annsin ins na garrantaí agus na madraí féin gránuighthe air]/ Shílfeá go bhfuil an pórtar ag dul ó ól oraibh. Is dona an lucht póite sib in a dheidh sin, ma chinneann oraibh cupla buidéilín pórtair a chaitheamh siar /[Chuaidh an teine ó lasadh orm ar maidin, nó go bhfuair mé cupla fód coise isteach as tigh M. le cur innte. Níl sponc ar bith ins an móin sin againn anois]// Tá na meaingeals sin thíos ag dul ó rath cheal a mbainte. Má theanguigheann sioc leo, ní bhuachfaidh sib aon-cheo go deo orra /[Tá mé ag dul ó rath ag doigheachaí. / Tá cur ag dul ó rath ag an mbáistigh]/ Tá an tlú sin gaibhte ó mhaith. B'fhéidir dhá dtugthá ag an ngabha é, go dtaitheochadh sé aríst é / Ní raibh aon-tsop féir ag gabhail leis nach ndeachaidh ó mhaith ar an talamh anuiridh cheal giollaidheacht'. Bhí agus féar breagh /[Cheal a ghlanta a chuaidh "an bicycle" sin ó rath / Gabhfaidh 'chuile shórt ó fhás anois ag an triomach]/ Chuaidh an chaint sin ó thuiscint orm = níor thuig mé í / Chuaidh sé ó aithne orm = níor aithin mé é, cé go raibh aithne agam air / An bhfuil na daoine ag dul ó aithne ort, nó cheal nach n-aithnigheann tú mise / Rachaidh duine ó aithne air go maith 'nuair nach mbíonn sé ag iarraidh a aithneachtáil, ach mise i mbannaí an té atá sé ag iarraidh a aithneachtáil gur beag an baoghal air a dhul ó aithne air /[Shílfeá go ndeachaidh do dhuine muintreach ó aithne air trathnóna. Ní measa beirthe é a mhic ó!]/ Tá na ba ag dul ó dháir ar fad imbliana = níl siad dhá ndáir, nó má tá, dairtear agus aith-dairtear iad / Shílfeá go ndeachaidh do bhudóigín bail ó Dhia uirre ó dháir, nó an ndeachaidh. Nach deacair leo dáir a thabhairt leo? / Chuaidh an chráin ó chlíthe (an capall ó eachmairt, an

madadh ó adhal, an cat ó chatachas, an chaora ó reithe agus rl.) / Chuaidh a bhean ó chloinn (ó mhuirín, ó phaistí agus rl.) = ní raibh aon-chlann uirre / Bhí páiste ann agus chuaidh sé ó bhaisteadh ar chuma eicínt = níor baisteadh é; níor eirigh leis gur baisteadh é / Chuaidh an crann sin ó ubhla ar fad imbliana, pé'r bith tuige = ní raibh aon-ubhall air / Chuaidh an gort sin ó fhataí ar fad = ní bhíonn aon-fhata ann // Níl tada ag dul uaidh = brathann sé gach rud; bíonn fhios gach rud aige; tá sé suas le gach uile mhíádh nó gach uile ealadhain /[Níl rud ar bith ag dul ó Shéamas má thug sé an méid sin faoi deara / Meastú cé'n chaoi a bhfuair sí fios air sin. An bhfuil tada ag dul uaithe? Dheamhan é muis]/ An bhfuil a fhios agad cé'n cheird atá anois air? Ag déanamh deis' a chuirfeadh solas ar fud an tighe. Sin é an fear agad. Níl ní ar bith beo ag dul uaidh, agus ní raibh ariamh féin / Deir tú leo a chum do Shean-Mh. gur isteach ins an gColáiste ag múineadh Gaedhilge in áit Ph. Dh. a d'imigh T. Agus dheamhan asna dhó nachar chreid é. Níl míádh ar bith ag dul uatha. Chuimneoch -aidís ar rud ar bith. Ná h-iarr in a ndiaidh é. /[Tá an scéal sin féin baramhail go leor. An chéad-oíche ar chuir sé seo thíos an "Radio" ar siubhal, amach ar an tsráid a bhí an chaint uiliog ag dul. Cé'n bhrigh ach bhí an teach ag dul thar maoil. Chasadh sí féin cnoth. "Na bheailbheannaí atá calctha" adeireadh sí. "Go gcalcaidh an diabhal agad iad, nachar fhága é ins an áit a raibh sé" adeir sé féin. "Ní raibh muid dhá iarraidh luath ná mall". Chuaidh duine eicínt amach ar an tsráid. Ba ghearr go ndeachaidh duine agus duine eile amach. Níorbh fhada go raibh an teach fré chéile amuigh, agus a raibh a dul thart an bóthar … Ba í an oíche ab fhearr ariamh í a fuair "Haw-Haw", nó gur thosuigh na mádraí ag tafann … Na buachaillí báire seo síos a chuaidh ag méirínteacht lena "wireannaí" agus chuir siad an bhail sin air. Cá'il an rud atá ag dul uatha …]/ Ní fhéadfadh an méid sin féin a dhul uaithe. Chaithfeadh sí é a fheiceál. Nach mór a bhain sé di. Is fada fada a bheinnse ag dul isteach in a teach-sise go bhfaghainn aon-chaidéis d'aon-cheo dhá mbeadh ann. Ach sin é an chaoi a mbíonn cuid de na daoine /[Níl rud ar bith ag dul uait. Nach maith go gcaithfeá an méidín sin féin a chloisteáil. 'Ar ndú' is agad atá a dheis. Tá bleid buailte agad ar an bhfear soir agus ar an bhfear siar]/ A Rí na ngrásta anocht! An bhfuil ní ar bith faoi'n saoghal ag dul uatha; má tá siad ag cur anall báid aeir anois agus gan duine ná deoraidhe ionnta, agus buailfidh siad an áit atá an dream thall a iarraidh in a dheidh sin. Nach mallaighthe an íntreacht (: intleacht) í sin. An t-aidhbheirseoir fhéin — diúltaigheamuide dhó! — atá in a bpáirt. // Ní fhéadfadh scéal ar bith a dhul ó Ph. mar tá sé sactha ins an teach sin thíos ó mhaidin go

faoithin agus tá tarraint na tíre annsin. // Níl dul ó bhás ag aonduine = níl dul thar an mbás ag aonduine = tá an bás le h-aghaidh 'chuile dhuine = faghann 'chuile dhuine bás / Má sé an bás a gheall Dia dhó é, ní raibh aon-dul uaidh aige. / Má tá sé indán duit, níl aon-dul uaidh agad, agus sin é a bhfuil in a thímpeall / An rud atá indán do dhuine, níl aon-dul uaidh aige, pé'r bith céard é féin /[Níl aon-dul uaidh. Caithfear a dhéanamh = ní féidir a sheachaint / Níl aon-dul uaidh. Caithfear a íoc. Ní h-ionann cíos agus rud ar bith eile / Dheamhan dul uaithe agaibh. Is rud í an bhruiththíneach a theagas ar 'chuile ghasúr, agus caithfidh sib a cur daoib. Dhá thúisce dhá gcuirfidh sib daoib í, 'seadh is fearr é dhaoib féin]/ Chreidim nach bhfuil aon-dul uaidh mar shlaghdán. Níl ag duine ach a chur dó (: de) cho sciobtha agus a fhéadfas sé. Sin é a bhfuil de leigheas air / Dhá mbeadh a dhul uaidh agam, ní dhéanfainn é, ach níl. / Mara bhfuil a dhul uaidh agad, buail faoi ar an bpuinte agus bíodh sé dhíot, cho luath in Éirinn agus a fhéadfas tú. Níl maith ar bith duit a dhul 'un drugaill ná a bheith idir dhá chomhairle, má's rud é atá romhat. //

"Dul" le "i": Chuaidh sé i méid = mhéaduigh sé; tháinic méid air (nó ann) / Ag dul i laghad atá sé, i leabaidh a dhul i méid / Chuaidh sé in ísle-bhrigh go mór le goirid / Tá sé ag dul i lagar, (i meirbhthean) / Chuaidh an bulán sin i bhfeoil go mór ó a d'athruigh tú aníos é = ramhruigh sé /[Is mór atá tú ag dul i saill le goirid (nó 'un saille)]/ Tá sé ag dul i bhfeabhas (nó 'un feabhais) / Chuaidh sé idtanaidheachan (nó 'un tanaidheachain) ó chonnaic mise faoi dheire é / Ag dul in ainnis atá sí = i mí-slacht ('un mí-shlaicht) / Is mór a chuaidh sí indeiseacht ('un deiseacht) le cupla bliain / Tá mé ag dul i bhfiacha = mo chuid fiacha ag méadú /[Chuaidh sé in aois go mór le tamall / Ó a chuaidh sé in aois, níor fhan croidhe ar bith aige / Ag dul in óige atá tú, bail ó Dhia ort / Is maith an mhaise di é. Dheamhan lá aois' uirre. In aois na h-óige atá sí ag dul / Chuaidh tú in aois na h-óige ó a chonnaic mé cheana thú]/ Tá an bhó sin ag dul in ordú / Chuaidh an bhudóig sin in ordú ó a chonnaic mise go deireannach í / Tá an rud sin ag dul i bhfad anois = moill air / "An rud a theigheas i bhfad, teigheann sé i roighineadas (: chun roighineadais)" / Chuaidh an scéal sin i bhfad = scaipeadh é /[Chuaidh an ráfla i bhfad agus ingearr / Tá sé ag dul i bhfeirg = chun feirge]/ Chuaidh sé ingealta / Tá sé ag dul in aer = le cuthach / Tá an gnás sin ag dul in aer go mór le tamall = táthar ag eirghe as / Chuaidh an chruach mhóna in aer = leagadh í agus rl. / Chuaidh sé ins na fraghthacha faoi rádh agus rud ar bith a rádh leis = le buile, le cuthach / Tá an tinneas ag dul in ainsil air (fc. ainsil) / Chuaidh sé i bhfaitíos air, nuair a chonnaic sé an rud a bhí

déanta aige / Chuaidh an poitín ins an gceann air = d'eirigh sé in a chloig-
eann; tháinic saobhcan céille air / Chuaidh an scéal sin ins an gceann air /
Chuaidh an eitinn ins na cosa aice / Chuaidh an phian ins an gcorróig orm / Chuaidh
scéin (scanradh, geit, lionradh agus rl.) ann = cuireadh scéin ann / Chuaidh na maidí
rámha in ascar (fc. ascar) / Chuaidh sé in ascar ar an gcapall / Chuaidh sé in ascar
an chlaidhe / Tá sé ag dul len a bhromach in ascar / Níl aon-mhaith a dhul i gcostas
faoi. = there is no use to incur cost over it / Sin é a bhfuil dhá bharr
agam th'éis go ndeachaidh mé i gcostas faoi / Chuaidh an uair i gcineáltas
le dhá lá (: 'un cineáltais) / Tá an trathnóna ag dul i bhfliuchán (: 'un
fliucháin) / Tá an rabharta ag dul i bhfairrge (fc. fairrge) / Tá na crainnte
ag dul induilleabhar / Tá an coirce ag dul indéis (i gcraoibh) / Is breagh
atá an cur sin ag dul indas = das ag toidheacht air / Tá na dasachaí ag
dul i lorga go breagh / Tá an t-arbhar ag dul ingráinne / Tá an lá
ag dul ingirreacht / Chuaidh an saoghal in uaisleacht ó a bhí
mise in mo chailín óg. Ní bhíodh tada de'n cheird sin an uair sin / Tá tú ag brath
ar a dhul ins an onóir = éadaigh galánta a chur ort féin, nó a dhul ag
cuimilt le na daoine móra / Chuaidh tú ins an onóir ar fad le scathamh. Ní
aithneochthá daoine dona anois / Chuaidh tú ins na fir mhóra le goirid = chuaidh tú
isteach le na fir mhóra, nó is daoine ar foghnamh a bhíos tú ag cuimilt anois, agus
ní le do leithide fhéin / Má d'iarr sé inghean A. Uí Th. tá sé ag iarraidh a dhul
ins na fir mhóra. Ní bhfuigheadh í sin ach céithearnach /[Ní comórtas ar
bith dhomsa do leithide-sa. Nach bhfeicim thú ag dul ins na fir mhóra
'chuile phuínte anois. Le maistrí scoile, le poilíos, le fir fataí,
agus le sagairt atá tú ag caitheamh do shaoghail. Is beag 'e mheas a
bheadh ag a leithidí sin ar scráibín mar mise]/ Chuaidh sé ins na fir mhóra
an uair sin a bhfuair sé an t-airgead, ach cho luath agus a bhí sé caithte aige, ba
bheag an ghnaoi a bhí ag na fir mhóra air /[Chreidim go bhfuil J. G. féin ag dul
ins na fir mhóra. Cheal nachar chuala tú é. Tá mótar ceannuighthe aige /
Gabhfaidh sé ins na fir mhóra anois ach a mbeidh an teach nuadh déanta
aige. Is fada an lá é ag tnuthán le teach nuadh. Feicfidh tú féin nach
mbeidh seasamh ar bith leis anois, le 'mbeidh de fhloscaí aige]/ Cuirfidh sí an mac
ins na fir mhóra nó is cinneamhaint críochnuighthe uirre é. Ar chuala tú ag
caint an oíche cheana í: go raibh inghean Ph. ag dul as a craiceann in a dhiaidh.
Dar príosta muise, is fiú dhi. Beidh féirín aice, ach é siúd a bheith in a chéile
leabthan aice / Ní raibh ag dul síos len athair fhéin 'chuile lá ariamh ach a dhul ins na

fir mhóra. Bhí sé cho suimeamhail le pisín chuit. Ní raibh ariamh aige, aindeoin sin ach ag mianadóireacht idir dhá leachta thiar annsiúd // Chuaidh mé deich bpighne in a scilling annsin ar ball, ach cuireadh aisti arís mé agus deifir orm = imirt chártaí; dhá leagadh duine de na cearrbhachaí scilling amach, agus an scilling a bheith gnóiththe ag duine eile cé's moite de dhá phighinn / Ní fhéadfaidh sib a dhul isteach thar thrí pighne innte 'chuile gheábh, agus níor h-imrigheadh ach dhá chluiche ó a chuaidh sí amach. Mar sin, ní fhéadfainn a bheith taobh le trí pighne innte mé féin / Chreidim nach bhfuil mé ach ag imirt anois ins an "ngandailín" (fc. gandal), th'éis go ndeachaidh mé isteach dhá phighinn go leith ann faoi dhó anocht. Cuirfidh mé amach leithphighinn eile agus caithigidh pighinn air (: ar an mbun) /[Bhí do leath-choróin ag cur alluis an uair sin. Nach ndeach -aidh muid dhá scilling isteach innte. Tá muid anuas arís ar an sé pigh- ne chreidim / Bhí an oiread cantail air faoi dheireadh agus gur bhuail sé núta (: nóta) puint amach ar an mbord. "Bíodh sé sin agaibh" adeir sé "in aoinfheacht leis an gcuid eile".] Chuaidh muid poll maith in a phunt freisin / Ní ghabhfaidh tú isteach aon-cheo eile in mo shé pighne nó is cinneamhaint orainne é. Dúisigh suas annsin a chomrádaí agus caith cíonán, cuileata agus aona hairt asta, nó go nglanamuid an písín sin / Chuaidh na Gearmánaigh an- fhada isteach ins an Rúis, ach cuireadh amach arís iad / Chuaidh sí ins na mná riaghalta /[Gabhfaidh sé ins an arm]/ Tá sé le dhul ins an ngunna mór = an chabhlach / [Rachadh sé ins na póilíos dhá mbeadh a dhóthain scoláireacht' air]/ Tá sé le dhul ins na bráithre / Chuaidh sé in a shagart /[Tá mac leis ins na póilíos, agus chuaidh an mac eile in a bhráthair]/ Ná teirigh in do chrochadóir pé'r bith céard a dhéanfas tú / Tá sé le dhul in a thiomálaidhe (: tiománaidhe) mótair / B'ait liom a dhul in mo bhuachaill siopa. [D'fhéadfainn mo chrúib a bheith ins an airgead i gcomhnaí agam]/ B'fhearr liom a dhul in mo mháirnéalach ná aon-cheird eile faoi'n domhan. Tá an-fhonn orm na réigiúin choimhigheacha a shiubhal / Dheamhan a fhios agam nach fear thú a ghabhfadh in do bháicéara fós. Tá an- tóir ar an bhfuint agad // Chuaidh sé i bhfalach / Teirigh i bhfalach / Chuaidh sé i leath taobh uaim / Ná teirigh imbannaí choidhchin / Chuaidh sé ag obair i muinghnín a chroidhe agus a chruite. / Is fadó an lá ó a chuaidh mé in ord Mhuire (fc. ord) /[Chuaidh sí in ord eicínt — níl a fhios agam cé'n t-ord]/ Chuaidh an brom- aire seo thíos in a cheann ar na scaibhtéaraí beaga seo ar fad // Níl aon- bhaoghal air a bheith réidh fós. Tá sé ag dul ins an tríomhadh bliain anois =

duine a mbeadh dhá bhliain déanta aige i gcoláiste nó a mhacsamhail) / Níl baol ar bith air a chuid príosúntacht' a bheith réidh fós aige. Chuaidh seacht mbliana air. Gheobhaidh sé lascainí as sin — an ceathramhadh cuid sílim. Caithfidh sé cúig bhliana agus ráithe a dhéanamh. Agus níl sé ach ag dul ins an gceathramhadh bliain anois / Is gearr go mbeidh mo théarma istigh agam. Tá mé ag dul ins an tríomhadh bliain, agus níl orm ach na trí bliana. Beidh mé réidh glan annsin /[Is maith an scathamh istigh í anois — ó fhéil' Brighde. Tá sí ag dul ins an cúigeadh mí / Níor thug mé áird ar bith air, nó go ndeachaidh sí ins an tríomhadh lá. Dubhairt mé liom fhéin annsin go raibh sé in am a dhul roimhe, agus chuaidh mé soir ag an dochtúr leis]/ Is fada ionlaoigh í. Tá sí ins an gcúigeadh mí anois. Tá scáird mhaith bhainne fós aice mar sin féin / M'anam go bhfuil aois thairis sin aige, té (: cé) nach gceapfá dhó é. Tá sé ag dul in a naomhadh bliain anois. Bhí sé h-ocht mbliana faoi Fhéil' Mártan / Tá sí ag dul in aois a ráithe anois. / Tá sé ag dul in aois a cheithre scóir. [Beidh sé é an bhliain seo chugainn]// Ag dul i mionaidheacht atá na fataí 'léar (: de réir) mar atá muid ag teannadh soir le claise an tsrotha = i laghad / Teigheann caitheamh is 'chuile ní annseo = ithtear gach cineál rud ann; tugann gach rud uaidh, nó ídigheann gach rud / Má ba iad na h-oinniúin féin iad ghabh caitheamh ionnta / Rachaidh caitheamh ins na h-ailltreachaí móra sin fhéin leis an aimsir. Níl goir ag rud ar bith seasamh in aghaidh oibriú na fairrge / Tá caitheamh ag dul ins an talamh! Nach breagh an scéal atá agad! Ní hé an talamh is cás linn faraor. Tá caitheamh ag dul ionainn fhéin, agus is mó an scéal muid ná an talamh // Tá sé ag dul ins na céad déaga (céad-éagadh?) / Tá sé ag dul ins an míádh (: ins an tubaiste, catmara, diabhal, léan, riabhach agus rl.) ar fad le goirid = níl ceannús ceann ar bith ag fanacht air; tá sé ag dul ó smacht ar fad; tá sé ag dul 'un drabhláis críochnuighthe /

"Dul" le "roimh": chuaidh sé amach roimh Sheán / Chuaidh sé go G. roimh Mh. Bhí sí le bheith ar an traen as Baile Átha Cliath = le castáil léithe inG. / Teirigh go ceann an bhóithrín roimhe / Chuaidh sé amach romham le 'chuile scéal a fháil / Gabh amach roimh an asal agus ná leig síos an bóithrín é / Breagh nach ndeachaidh duine agaibh roimh fhear an phosta agus gan aistir a chur aníos air /[Dhá ngabhthá roimhe in am, ní bheadh sé scuabtha thart]/ Ní dheachaidh tú romham ins an áit a dubhairt muid = "coinne" nó comhdháil / Cuir focal ar áit eicínt anois agus gabhfaidh mise romhat ann / Chuaidh sé romham go B. = 'un tosaigh

orm / Má tá mé craithte féin gabhfaidh tusa romham fós = cuirfidh mé romham thú = gheobhaidh tú bás 'un tosaigh orm / Chuaidh an bhean roimhe = fuair sí bás roimhe / Ní bheidh sé sásta muise mara dteighidh an bhean roimhe. D'fhanfadh sé féin beo sílim, dhá n-imigheadh an bhean /[Is cinneamhaint uirre é nó gabhfaidh an fear roimpe. Níl sí ag tabhairt sógh ná sólás dó, ach in a éadan ó mhaidin go faoithin // Bíonn tú i gcomhnaí ag dul romham = ag dul isteach ar mo chuid cainte; 'nuair a bhímse ag caint, tosuigheann tusa ag caint, agus caithimse stopadh]/ Bhí sé ag dul roimhe gacha le nóiméad. / Nach breagh nach mbeadh múineadh ort, agus fanacht in do shost. Ní fhéadfaidh aon-duine smid a rádh agadsa. Tá tú ag dul roimh 'chuile dhuine / Chuaidh sé romham ins an gcaint, agus dubhairt sé gurb é féin a bhí thíos ann an oíche sin shul a tháinig mise isteach. Is mór dhá fhonn a bhí orm é a thabhairt isteach ar an drad dó /[Sin é an sórt duine é 'chuile lá ariamh. Ní éistfeadh sé le dhá fhocal cainte go gcaithfeadh sé a ladar fhéin a chur isteach ann, agus a dhul romhat]/ Nach shin é a bhí mé ag dul a rádh; marach go ndeachaidh an clabaire sin romham, agus gur thosuigh sé a scéal féin / 'Sé an chaoi ar chuala mise é — ní ag dul romhat in do scéal é — gurb é S. a chuaidh ann de shiubhal oíche agus a thug a raibh ann as / Déarfainn gur bréag é sin — ní ag dul romhat in do scéal é! Léar (: de réir) mar chuala mise … /[Ara ní raibh sé indon dhá fhocal cainte a chur idtoll a chéile in áit a raibh an glaodhmaire sin thiar ag S. Mh. S. ag dul roimhe le 'chuile chor. Ní túisce a thosuigh sé ag "speecháil", ná d'áitigh mhac Sh. dhá cheisniú. 'Ar ndú' is maith an fáth: tá an boc sin ag tochras ar a cheirtlín fhéin]/ Ná gabh roimhe go mbeidh sé réidh. Tá cead cainte a thabhairt dhó ar aon-chor nó go bhfeiceamuid céard atá le rádh aige. / Ní maith liom a dhul romhat in do scéal a dhuine chóir, ach measaim nach bhfuil an ceart agad. An bhfuil a fhios agad cé ba chiontsiocair leis sin … /[Is diabhlaí gránna an faisean atá aige go gcaitheann sé a bheith ag dul roimh 'chuile dhuine. Ní bhíonn sásamh ar bith ar scéal ins an áit a mbíonn sé / Mo léan géar chaithfeadh sé a ladar fhéin a chur ann. Cé'n bhrigh dhá bhfágadh sé deis chainte ag aonduine ach ní fhágfadh. Ní beo é mara mbeidh sé ag dul romhat le 'chuile fhocal dhá dtiocfaidh as do bhéal]/ Eireochaidh mé as ar fad, agus innis thusa é, ó atá tú ag dul romham le 'chuile chor. Ní fhaca mise do mhacsamhail ariamh. Ní féidir dhá fhocal cainte a rádh ins an áit a mbeidh tú, nach gcuirfidh tú duine de dhruim seoil. Níl smearadh múinte ort // Tá an phian sin ag dul duit i gcomhnaí. Ní mór a dhul roimpe = ní mór breathnú in a dhiaidh; ní mór a dhul ag dochtúr fúithe, nó rud eicínt a dhéanamh, nach bhfuighidh sí cead a cinn / Ní dheachaidh sé roimh an

tinneas sin in am. Sin é a d'fhága go dona é. Ní mheasaim go bhfuil mórán maitheasa a dhul roimhe anois. Tá sé in ainsil / Teirigh roimhe in am: sin é a bhfuil le déanamh agad. Má theagann sé isteach aon-oíche agad agus lorg óil air, tabhair an tsráid amach arís dó. 'Sé a dhéanamh leis é. Má thugann sé faoi deara dhó fhéin tosaighe ag ól, leagha na bhFiann ní choinneochadh uaidh é /[Níl agam a dhéanamh ach a dhul roimhe anois, shul a thiocfas mórán eile dhá aois. Nach maith luath a thosuigh sé ag dul ó smacht agus ag eirghe amach ag scaibhtéaracht. Leónfaidh mise a chnámha cho uain's tá mé indon a dhéanta.]/ Tá cois bhocht agad. Ní fuláir duit a dul roimpe in am. Má shéideann sí sin suas mórán eile, gheobhaidh tú rud le déanamh uaithe. Tá droch-ábhar eicínt istigh innte. B'fhéidir go ndéanfadh an dochtúr í a lansáil duit /[Níl mé indon teanntás ar bith a dhéanamh uirre fós, agus marab fhuil ag Dia, tá faitíos orm nach mbeidh ach oiread. Mé féin is cionntaighe. Ní dheachaidh mé roimpe nuair a bhí agam a dhéanamh an lá ar chuir mé amach í, ba cheart dom a dhul ag fear cnámh léithe, ach bhí mé dhá chur ar an méir is fuide igcomhnaí ag ceapadh go dtiocfadh sí aice féin uaithe féin]/ Deir siad go bhfuil na dochtúirí indon an eitinn sin a leigheas anois má theigheann duine roimpe in am, ach má leigeann duine achar ar bith í, nach bhfuil indán leighis di / Bhí an gamhain sin thuas i mbradghail indé. T. Mh. a chuir amach é as geamhar Sh. 'Séard atá le déanamh leis anois lom láithreach buairín a fháisceadh air. Níl maith ar bith a leigean ar an méir fhada. A dhul roimhe ar an bpuinte atá a dhéan-amh /[Tá na gasúir sin dubh-ámhuilleach le gairid. Meastú céard a rinne siad indé ag teacht ó'n scoil dóib, ach an ceaintín a raibh a chuid tae ann ag S. Ph. a chrochadh leo anoir go dtí Áirdín an Fh. agus an tae agus a raibh ann a dhóirteadh. Anois b'fhéidir! Ar an dá luath agus a dtiocfaidh siad isteach, gheobhaidh mise an tslat agus tóigfidh mé ar mo ghlúine iad. 'Sé a thuar siad dóib féin. Is fhearr a dhul rompa anois, ná a bheith in aithmhéala arís = nuair a bhéas cuid is mó ná sin déanta aca]/ Ní fhaca mé a (: bhur) leithidí ó a rugadh mé. Ní rachadh sibh roimh rud ar bith, ach fanacht dhá bhuachailleacht annsin, nó nach mbíonn sib indon corruighe leis. Tá tusa anois ag fuasaoid do chliabhraigh a Sheáin le ionann agus bliain, agus ní ghabhfá soir ag an dochtúr leis in a dheidh sin. Is fhearr leat ag éagcaoineadh annsin, ná a dhul go dtí an fear a dhéanfadh maith dhuit /[Marach go ndeachaidh mé roimhe an uair sin, dheamhan beo a bheinn indiu. Dubhairt an dochtúr liom dhá bhfágainn seachtain eile é, go mbeadh sí ithte roimhe, agus nach bhféadfadh dochtúirí na cruinne aon-mhaith a dhéanamh dhom]/

Is maith í an fhoighid, ach is olc í an fhaillighe. Tá faitíos orm go bhfágfaidh tú thú féin, nó nach mbeidh aon-mhaith dhuit a dhul romhat féin. Tá an rud sin anoss ag dul duit leis an fhad seo, agus gan cosamhlacht ar bith air imeacht //

"Dul" le "faoi": Chuaidh mé faoi'n uisce, (faoi'n mbord, faoi'n leabaidh, faoi'n gcathaoir, faoi'n droichead, faoi'n tóchar agus rl.) / Chuaidh sé faoi'n ualach = chuaidh sé dhá iompar; nó, bhí sé ag íoc ar leath an ualaigh nó ar a chion dhe / Teirigh faoi'n gcliabh seo a chongnamh dhom /[B'fhearr dhuit a dhul faoi'n maide seo in éindigh linn]/ Ní raibh le dhul faoi'n gcorp ach an ceathar againn as a dheireadh / Cheal nach ngabhfá faoi'n gcomhra in éindigh linn nó go n-árduighidh muid é / Chuaidh T. faoi'n deoch freisin = d'íoc sé a chion di / Ní dheachaidh A. faoi'n leath-ghalún deireadh chor ar bith / Bhí sé le cuthach nuair nach ngabhfainn faoi'n lucht feamainne in éindigh leis = i bpáirt leis / Má theigheann tú faoi "lorry" a cheannacht liomsa, déanfaidh muid dalladh airgid air ag tarraint mhóna / Má tá tú sásta a dhul faoi scair eangaighe liom, ceannóchaidh mé í, an céad lá eile a rachaidh mé G. Bhí báire éisc istigh annsin thíos aréir /[Ba cheart duit a dhul faoi mheaisín spraeála a cheannacht liom.]/ B'fhearr dhuit a dhul faoi ualach slat liom. Gabhfaidh an bheirt againn M. lá eicínt go mbainidh muid iad /[Meastú dhá dteighinn féin agus thú féin agus an C. faoi churrach nach ndéanfadh muid gnatha is measa ná é. Tá coirrleach agus ceanna slat ar an O. F. nachar baineadh le chúig bhliana déag. Ba mhór ab fhiú dhuinn l'aghaidh leasú iad]/ Bhí mise sásta a dhul faoin a leath leis, ach ní raibh aon-mhaith ann th'éis é a bheith lobhtha le airgead. Is fhearr leis é a fhágáil annsiúd dhá bhuachailleacht, nó go bhfag-aidh duine eicínt eile sógh air ar ball /[Meastú dhá dteigheadh an bheirt againn faoi mheaisín buailte, nach ndéanfadh muid dalladh airgid ag buailteoireacht ins na bólaí seo nuair nach bhfuil aon-cheann eile ann. / Gabhfaidh mé faoi bhó eile sílim = ceannóchaidh mé (gheobhaidh mé) bó eile]/ 'Ar ndú, ní ag brath ar a dhul faoi thuilleadh talmhana atá tú. Nach bhfuil níos mó ná díol do fhreastail agad ceana? Céard a dhéanfá le tuilleadh? / Ní bheadh cuimne ar bith agad a dhul faoi mhótar. Tá siad uiliog dhá bhfáil anois. Bí ins na fir mhóra cho maith le duine! / Caithfidh sibh ar fad a dhul faoi'n milleán cho maith liomsa = caithfidh sib a bheith sásta bhur gcuid féin de'n mhilleán a amhdachtáil / Ní raibh sé sásta a dhul faoin a chuid féin de'n mhill-eán. Ag iarraidh é a bhualadh thall ormsa ar fad a bhí sé. Shíl sé go bhfaigh-

eadh sé mise in mo leibide, agus nach gcuirfí caidéis ar bith air féin / Gabhfaidh siad uiliog faoi'n droch-mheas cho maith leatsa, agus ní call duitse a bheith in imní faoi, dhá réir sin / Chuaidh 'chuile dhuine ar an bhfeadhain aca, cé's moite de J. faoi'n gcionnta = cionntuigheadh uiliog iad / Is gearr go dteighidh sé faoi'n gcreafóig = ins an talamh = ins an uaigh / Chuaidh sí faoi na fóide (faoi'n bhfód) sáthach óg 'ndéanaidh Dia grásta uirre / Chuaidh muid faoi'n mbó. Bhí sí dhá báthadh / Teirigh faoi'n mbó sin agus bligh í / Ní féidir a dhul faoi'n mbó sin chor ar bith. Tá sí an-dodach /[Ní bhíodh aon-bhó ar shliabh nach dteigheadh sé fúithe = 'chuile bhó a bhleaghan]/ Ní raibh sí indon a dhul faoi bhó ariamh. Nach gceapfá go mbadh dona an bhean tighe í sin! / Teirigh amach faoi'n tsráid = ar an tsráid; ar fud na sráide / Gabh síos faoi'n mbaile nó go bhfeicidh tú / Ní dheachaidh aon-fhear ariamh amach faoi thír ag tóraidheacht mná is measa ná é. / Teigheann sé amach faoi'n tír (: faoi'n tuaith) go minic ag ceannacht muc / An uair a theigheas lucht an bhaile mhóir sin amach faoi'n tír, ní fhanann ceannús ceann ar bith orra. / Chuaidh sé faoi shléibhte indiu /[Tá sé imighthe amach faoi shliabh ó mhaidin / Chuaidh sé faoi chladach aréir]/ Gabh amach faoi na garrantaí, agus b'fhéidir dhuit na caoirigh a fheiceál / Ní dheachaidh sé faoi na tamhnachaí chor ar bith le fada / B'fhéidir dhá dteightheá siar faoi na h-oileáin go bhfuightheá an té a d'fheilfeadh duit / Chuaidh sé amach fadó faoi na réigiúin choimhigheacha, agus níor facthas é ó shoin /[Ní ghabhfadh sé amach faoi Ghaillimh ar a bhfaca sé ariamh ach cuibhrighthe istigh annsiúd i gcomhnaí]/ Is fada a bheinn ag cuimniú air muise shul a ghabhfainn soir faoi'n Achréidh ag iarraidh fataí síl. Mara bhfaghaidh mé níos goire do láthair iad, beidh mé asta / Is beag a bheadh le déanamh agam a dhul siar faoi Chonamara indiu. Céard a bhéarfadh siar faoi Chonamara mé /[Chuaidh siad soir faoi Chonndae an Chláir, tá cupla mí ó shoin, agus is cosamhail go bhfuair siad obair, mar níor facthas anoir ó shoin iad]/ Ní dheachaidh mé síos faoi na bailteacha sin síos le saoghal agus aimsir / Má theigheann tú siar faoi'n talamh garbh, b'fhéid -ir go n-eireochadh díol cléibh de shlata leat // Chuaidh sé faoi lámha dochtúirí trí nó ceathair de chuarta, ach má chuaidh féin sin é a raibh de mhaith dhó ann = chuaidh sé go dtí dochtúirí agus scrúduigh siad é agus rl. / Tá sé imighthe go Baile Átha Cliath le dhul faoi lámha árd-dhochtúirí, déanaidís aon-mhaith dhó nó ná déanadh / Níl a dhath maitheasa dhó sin a dhul faoi lámha dochtúirí, arae níl aon-biseach in a chionn, an duine bocht. Tá sé tolgtha. /[Chuaidh sí faoi operation = faoi scian an dochtúra / Beidh sé ag dul faoi operation an tseachtain seo chugainn. Meall eicínt a rinne a putógaí / Ní ghabhfadh sé faoi scian an dochtúra dóib. Dubhairt sé go mb'fhearr

leis bás a fháil ins an mbaile. Dheamhan bás na bascadh a tháinic air ó shoin. Chonách sin air, an duine croidhe! Tuilleadh bisigh amáireach air!]// Ní bheidh tú ar an muráite choidhchin go dteighidh Cnuic Dhúithche Sheoigeach fút = go gcuiridh tú Cnuic Dhúithche Sheoigeach fút = go mbí siad le feiceál ó'n áit a mbeidh tú ar an bhfarraige. Ní bheidís le feiceál ó'n gcladach de bharr na gcnuic eile ní ba ghoire do láthair a bheadh ag dul idir thú agus iad / 'Sé an marc a bhíodh againn ariamh ar mh'ráite mangach, a dhul amach díreach ó'n gcaladh nó go dteigheadh sléibhte Dhúithche Sheoigeach faoi. Annsin a dhul ag iascach / Níl tú ar an bhfeath (meath?) mhóir fós, arae ní dheachaidh na Beanna Beola faoi. Choidhchin nó go gcuiridh muid iad sin fúinn, ní bheidh muid ar an muráite … Hó, anois … D'fhéadfá caitheamh amach nóiméad ar bith. Feicim a mullaigh / Gabhfaidh "tower" (túr) an tséipéil faoi ach a maoluighidh tú suas barr an chnuicín sin amuigh / Is gearr suas an cnoc sin a rachas tú, nuair a ghabhfas Loch Coirib faoi dhuit / Anois b'fhéidir, tá na cnuic ag dul faoi! Feicim go follas -ach iad // Tá an grian ag dul faoi. /[Is fada fós go dteighidh an ghealach faoi / Sin réalta nach dteigheann faoi i gcaitheamh na h-oíche aon-am de'n bhliain / Ní fuláir dhuinn a bheith ins an mbaile le dul-faoi na gréine]/ Bhí sé ann roimh dhul-faoi na gréine lá'r na bháireach / Bíonn sé ag obair ó eirghe go dul faoi na gréine // Shíl sé a dhul fúm = mé a "bhleaghan" = a raibh d'eolas agam a bhaint asam = a dhul ar chleasaidheacht féachaint a n-eireochadh leis car faoi ndeara dhom an rud a bhí uaidh féin a dhéanamh /[Is maith uaidh a dhul faoi dhuine dhá bhfaghadh sé bog chor ar bith é / Ag iarraidh a dhul fút a bhí sé an uair sin, 'ceapadh go n-innseochthá dó cá raibh tú aréir. Ní bheadh fear na méaracán suas leis sin / Deir tú léithe anois a shíl a dul fúm, feaint (: feachaint) a ngabhfadh P. lá ag tarraint mhóna léithe. M'anam muise go bhfuair sí amach an fear a ghabhfadh lá léithe. Dheamhan fad a choise a ghabhfadh sé sin léithe, dá dtugadh sí Eire bronnta dhó]/ Chaith sé scathamh fada ag iarraidh a dhul fúm agus é ag tnuthán go dtiubharfainn punt dó. Leig mise orm féin nach raibh a fhios agam cé air a raibh sé ag tarraint agus fios maith agam air. Bhí sé ag ceapadh go mbainfinnse an focal as a bhéal ach ba bheag an baoghal a bhí orm. Nuair a chinn air ins an deire d'iarr sé amach é, ach ní bhfuair sé ach druim-dhiúltú /[Má fhaghann sé leigean ar bith ortsa indiu, déanfaidh sé a dhicheall a dhul fút agus a fháil amach céard a thug siar mise ins an oíche Dé Domhnaigh. Bí ar t'áirdeall féin anois agus ná faghadh sé aon-bhrabach ort]/ Ceapann cuid de na boicileás seo go bhfuil siad rí-chliste, agus 'ar ndú', bíonn na poilíos ag maoidheachtáil leo, agus ag dul fútha, nó go n-innsigheann

siad a mbíonn in a mbolg dóib. Sin é an chaoi a n-eirigheann chuile scéala leo! D'
eile. Níl scéala ar bith amuigh nach mbíonn ag an bpóilí /[Is deas a shíl sí anois a
dhul fúmsa, ach bhí a shliocht uirre. Dhall mise í. Tá cruit bhréaga ag imeacht
anois aice / Tá sé sin cho críonna le na h-easógaí. Leigfidh sé air nach mbíonn sé
ag iarraidh scéal ar bith, ach é igcaitheamh an achair ar a mhine ghéire ag iarraidh
a dhul fút. An té nach mbeadh eolas aige air, chuirfeadh sé dallach dubh air]/
Chuaidh sé fúm uair amháin cheana, ach ní dhéanfaidh sé aríst é, feicfidh tú féin
air, té (: cé) gur fhiach (: fhéach) sé leis indiu. Deir tú leis a d'iarr rothaí an
"bhicycle" orm, faoi nach dtugaim féin amach é, mar dhóigh dhe go mbeidís le
fáil agam uair ar bith! // Chuaidh anáil ghabhair faoi = mheath sé; shearg sé; níor
fhan aon-mhaith ann (fc. anáil) / 'Sé an baladh is measa a chuaidh faoi mo shrón ariamh
é. / Má theigheann an baladh sin faoi do shrón, is fear réidh thú / Dheamhan an
mbeidh i bhfad muise go dteighidh an rud sin faoi'n tsróin aige = go gcastar an
scéal nó an chaint sin leis; go dtráchtar leis faoi rud eicínt nach
dtaithnigheann leis agus rl. /[Gabhfaidh an rud sin faoi'n tsróin aige, feadh
agus mise sroicheachtáil siar cho fada leis. Is náireach an rud scéal
mar sin a leigean leis.]/ Chuaidh sé faoi'n tsróin aige anocht: an méid
adubhairt sé le coicís; agus má chuaidh féin is beag 'e ghrásta a bhí aige
orainn faoi. Bailigheadh leis anois. Is fada a theastuigh an méid sin
uaidh. Cé'n bhrigh ach go raibh sé dhá thuaradh dhó féin / Rachaidh rud thairis
sin faoi'n tsróin aice. Cloisfidh sí faoi ar dhubhairt sí féin faoi na cuir
-idheachaí a bhí annseo … Ná taithnigheadh mara breagh léithe é. Tá cás
againn ínnte go deimhin /[Ba mhaith liom muise dhá dteigheadh an méid sin faoi'n
tsrón aige. Dheamhan leath an chirt a bheadh leis. Puicéara sagairt nach bhfuil ag dul
síos leis ach airgead a dhéanamh ar uain nó ar éigin! Is deas an bhail a bheadh ar dhaoine
bochta dhá mbeidís in a tuilleamaí-seisean]// Tá gaibhte fútha annsin (fataí ar
urlár "cement") = tá an taisfhliuchán dhá shúgadh aníos thríd an urlár agus na fataí
tais dhá bharr / Sílim go mbadh ceart daoib na bráithlíní atá ar an leabaidh sin
thuas a chur le teine scaithín. Cheapfainn go bhfuil gaibhte fútha dhá ghoirdeacht ó
chodail duine ins an leabaidh cheana. Níl a fhios cé'n fraighliuchas atá ins na
ballaí sin thuas. /[Is gearr an t-achar a d'fhágfá annsin iad nó go mbeadh gaibhte
fútha. Tá máithreach an uisce ins an talamh sin]/ Ní féidir go bhfuil gaibhte faoi cheana.
Muise dheamhan maith ag caint! Shíl mé leis an ngaisce a bhí agaibh faoi'n gcaoi a chuir
sib ar an áit sin, go mbeadh 'chuile shórt go deo aríst ann cho tirm le barrach. Ach
sin é an chaoi a bhfuil sé anois! / Shílfeá go raibh plás maith aice, agus bhí an-

triomach uirre nuair a tóigeadh as an ngróigeadh í, tá seachtain ó shoin, ach tá gaibhte fúithe anois aríst. Sháróchadh na h-athphuill sin thú. Ní bhíonn sásamh ar bith ar aon-mhóin a bhíos in a gcleitheamhnas /[Níl aon-mhaith dhuit a gcur annsin. Bheadh an-taisce orra ann, ach tá faitíos orm go mbeadh gaibhte fútha gan achar ar bith. Tá mianach an-uisceamhail ins an talamh sin]/ Meastú glaicín leabhar a bhí ag na gasúir agus a bhí caithte thiar annsin ar an urlár, nuair a chorruigh mé iad an lá cheana nach raibh gaibhte fútha.

Níl leath cheart leis an gceann seo (: fear an tighe). Ní bheadh sásamh ná séanadh aige ann go ndéanadh sé an teach ar an bhfánán bradach seo. Tá rud ar a shon anois aige. Ní thriomóchaidh an saoghal an áit sin /[Ní ionnlach ar bith é sin do cairrigín. Ní túisce an taobh as a chionn tirm, ná 'bhíos gaibhte faoi aríst.

Crap soir annsin ar an tulóig sin thuas é, agus beidh aghaidh gréine aige ar chaoi ar bith]/ Seomra ar bith nach mbíonn teine ann ach go h-annamh, bíonn sé ar an gcaoi sin. Níl aon-cheo dhá bhfágtar ann nach mbíonn gaibhte faoi ar an bpuinte /[Ní feasach mé cé'n caoi a mbeadh gaibhte fúithe chor ar bith marar ól sí an t-uisce, ach b'fhéidir go ndearna sí sin féin. Ní móide go ndeacha aon-chuma déanta uirre]/ Chuaidh faoi an siúcra seo.

B'fhurasta 'aithinte agus an áit ar fhága sib é. Tá sé támáilte anois // Rachaidh mé faoi dhuit (gabhfaidh mé faoi dhuit, ach is coitianta "rachaidh mé agus rl.) gurb shin í an fhírinne = tiubharfaidh mé an leabhar = mionnóchaidh mé dhuit [ach ní bhíonn ciall cho bainte-amach sin leis i gcaint go h-iondamhail: deirim leat, dar m'fhocal duit, dar brigh an leabhair agus rl.] / Rachaidh mé faoi dhuit go mbainfidh mise cac as ach a mbeiridh mé air! Diabhal bréag nach mbain-fidh / Féadfaidh mé a dhul faoi dhuit nachar chorruigh aonduine annseo é ar aon-chor, hébrí céard a dhéanfas an dream seo amuigh. Tá na ruifíneach-aí sin sáthach mío-stáideach len a dhéanamh /[Gabhfaidh mé faoi dhuit má chastar an taobh seo é, nach dtiubharfaidh a chosa féin abhaile slán é.

Thug sé an eang leis an "turn" deireadh, ach ní beidh sé cho saor sin aige anois, má chuireann sé a shrón aniar annseo]/ Tá mé ag dul faoi dhuit nach raibh baint ná páirt agamsa le do réithe. [Ní bhfuair mise ariamh ar mo chuid é ach uair amháin, agus ní dhearna mé níos airde leis an uair sin ná a dhíbirt soir thar tórainn aríst. Dar a shon a rachainnse ag déanamh créatúlacht ar do réithe. Má rinneadh leis é, ní mise ná aonduine in mo theach a rinne é. B'fhearr liom go mór thú a thabhairt 'un dlí faoi fhoghail, ná a dhul ag déanamh a leithide de chleas]/ Rachaidh mé faoi

daoib go mb'fhurasta cur ag D. ins an am a raibh an L. réidh leis. Bhí múnógaí alluis ag briseadh amach ar a bhaithis, agus ba gheall le braithlín de bhráithlíní S. N. an ceann aghaidh a bhí aige /[Rachainnse faoi dhuit dhá mbeadh breith ar m'aithmhéala agamsa gur fada ó'n áit sin a d'fhan -fainn. Ach in a dhiaidh a fheicthear do'n Éireannach a leas. Bhí mise sáthach caillteach len a dhul ann ar aon-chor.]/ Rachaidh mise faoi dhuit a dhuine chroidhe má fhaghaimse aon-tuairisc ar do bheithidheach go ngabhfaidh scéala agad ar ala na h-uaire. Ach níl mórán baramhail agam duit, a dhul dhá thóraidheacht ins an ruta seo chor ar bith. Siar a thug sé a aghaidh adéarfainn /[Rachaidh mé faoi dhaoib a stócaigh go gcloisfidh an t-aer torann agus go mbainfidh mise fothramán as na dromannaí agaibh mara gcuiridh sib mo phíopa ar fáil gan mórán achair. An bhfuil a fhios agaibh cé'n sort saoghal atá ann chor ar bith anois: nach féidir píopa a fháil gan scaradh le do nóta puint; agus go sílfeá gur cumaoin a bheidís a chur ort len a thabhairt duit mar sin féin]//

"Dul" le "thríd": Tá sé ag dul thrídh aoithiú (fc. aoithiú) / Chuaidh sé thrídhn a cheart, an duine bocht. Chuir sé a bhean agus beirt mhac in aon-bhliain amháin = d'fhulaing sé a dhóthain / Tá tú ag dul thrí do dhóthain, dá mbeadh neart air / Is mór a ndeachaidh mé thríd ariamh, ach thug sé seo an barr uatha ar fad le donacht / Ní aireochadh duine ag dul thrídh bhliain in a dhiaidh sin / Ghabhfadh sí thríd an oiread airgid le ceathar = caitheann sí é / Is beag aice a dhul trí airgead / Chuaidh sib thrí go leor óil annsin aréir = chaith sib é; d'ídigh sib é / Ní raibh sé ach ó mhaidin go h-árd-trathnóna ag dul thríd an unsa tobac, hébrí cé'n sórt droch-rath a chuir sé air /[D'imigh an diabhal oraibh má tá sib thríd an máilín plúir go dtí sin, agus an saoghal atá ann. Cé'n chaoi a seasfaidh airgead lib? Caithfidh sib a dhul ar na fataí anois go ceann trí seachtainí arís ó thárla go ndearna sib plaicín ghabhair de'n phlúr]/ Is maith aibéil a ghabh sib thríd an bpoll fataí sin thoir. Thiubharfainn an leabhar nach h-iad na beithidhigh agus na muca a d'ith ar fad iad: gur tugadh corr-chruit as (fc. cruit) ingan fhios domsa / Chuaidh sé thríd an udhachta mar a bheadh Dia dhá rádh leis. Thug sé gaoth di, agus 'sé a bhí deas air. Mo chreach mhaidne, 'sé /[Bhí dhá ghalún poitín d'fhuigh-leach ann agus chuaidh sé thríd in imeacht seachtaine. Sin í an fhírinne. Dheamhan congnamh ná a dhath a fuair sé faoi. D'ól sé féin chuile sdriog dhe]/ Chuaidh

sé thrídh na chuid éadaigh ar fad feai'nt a bhfuigheadh sé an tsean-bheist ach chinn air = scrúduigh sé iad /[An gcaithfidh tú a dhul thríd an méid sin páipéir ar fad fós anocht. Má chaitheann ní beag duit a bhfuil romhat / Chuaidh sé thrídh 'chuile fhód móna ins an gcruaich go bhfeiceadh sé a raibh tada fliuch innte]/ Ní mór a dhul thrídh na fataí sin uiliog go léireach nó go dtoightear na fataí síl asta / B'fhearr duit a dhul thrídh na slata sin go bhfaghaidh tú glac sháithteáin dom l'aghaidh an chléibh / Chuaidh sé thríd an easca (an abhainn, an lochán, an láib, an draoib, an clochar, an cur, an t-arbhar agus rl.) = siubhal nó gluaiseacht thríthe /[Ní ghabhfadh an meanath thríd an leathar.]/ Chuaidh an t-urchar thríd an gcroidhe aige / Gabhfaidh an spiacán seo thríot má chloisim smid eile uait / Chuaidh an scian thríd an bputóig aige / Is fánach an chaoi a ngabhfadh scian thríd an bputóig agad, mara dtugtá aire dhuit fhéin annseo / Fainic an ngabhfadh cloch thríd an mbaithis agad annsin /[Chuaidh driog thríd an gcroidhe agam / Gabhfaidh doigh thríd an slinneán aige, má bheirimse air / Chuaidh glugar thríd an gcluais agam leis an tormán / Gabhfaidh pian thríd an asna agad mara mbí tú ar t'áirdeall féin]// Chuaidh sé thríd an saoghal gan mórán a chur as d'aonduine. Ba bheag an ollóid é an duine bocht / Dá dteigheadh 'chuile dhuine thríd an saoghal mar a chuaidh sé, b'aoibhinn dóib. Ní bheadh aon-pheacadh orra ar chuma ar bith // Chuaidh sé thríom = scrúd sé mé = ghoill sé orm; chlaoidh sé mé. / Ní fhaca tú aon-duine ariamh a ndeacha an slaghdán thríd cho mór leis. Tá sé snuighte caithte in a dhiaidh = chlaoidh sé é / Chuaidh an ruaig sin thríd go mór. 'Ar ndú' ní iongantas sin ach oiread agus a ghoirdeacht agus ó bhí ruaig eile cheana air. Faghann sé ruaigeannaí móra le goirid, agus m'anam nach h-iad a d'fheilfeadh dhó ach an oiread le duine. / Is diabhaltaí a chuaidh an príosún thríd. [Tá sé tugtha uaidh ar fad. Ní fhaca mé aon-fhear go h-iomaidh is tuar-tha atá as a cheannaghaidh ach é]/ Tá na malraigh seo aghamsa sáthach slabhcta ar an aimsir seo. Níl ann ach go bhfuil tarraint na gcos ionnta. Chuaidh an treoch bhradach sin thríob (: thríotha) thar cionn. Páiste ar bith nach bhfuil cothuighthe go maith roimpe, claoidheann sí thar cionn é /[Chaith mé trí oíche annseo an tseachtain seo caithte ar neamh-chodladh agus bíodh a fhios agad gur mór a chuaidh siad thríom. Ní bhíodh siubhal an bhealaigh ionnam aríst ar feadh an lae]/ Uair ar bith

a dteagann na liaganna sin air teigheann siad thríd go damáisteach. Ní bhíonn sé ar a chóir féin aríst go ceann leath-bhliana. An babhta deireadh a raibh siad air — dhá bhliain go h-am seo — Bhí sé igcruth an tsagairt aca marach gur bris siad /[Ní dheachaidh aon-aistir thríom in mo shaoghal ariamh mar a chuaidh an t-aistir sin. Níl mé agam (chugam?) féin dhá bharr fós. Níor fhága sé lúd ná láthar ionnam]/ Chuaidh bás an athar thríthe go mór = scrúd sé í; ghoill sé uirre / Níl aon-cheo a chuaidh thríom ariamh in mo shaoghal ach a bheith ag éisteacht leis annsin ag strócadh le pian, agus gan duine ar bith indon aon-mhaith a dhéanamh dhó. Ba mhór an suaímneas dhó féin agus dhuinn féin é nuair a thug Dia Chuige Féin é / Tuige nach rachad sé thríthe? Ghabhfadh rud níos lugha ná sin thrídh dhuine / Teigheann sé thríom a bheith ag breathnú air, ach cé'n neart atá air. Beidh sé dhá ghoid as mar sin nó gur toil le Dia fios a chur air. Níl aon-bhiseach indán dó /[Chuaidh sé thríd, an bhail sin a fheiceál uirre, ach dheamhan mórán truaighe í ar mhodh. Dhá mbeadh an saoghal mór aice ar maidin, bheadh sé caithte aice trathnóna. Sin é an sórt duine í]/ Ghabhfadh sé tríot a bheith ag éisteacht leis ag glámhóid agus ag banrán annsin ó mhaidin go faoithin, agus gan luach leithphighne mhaith le déanamh dhó. Ach tá neamh-shuím déanta ag na daoine anois dó (: dhe) féin agus dhá chuid glámhóide /[Rachadh sé thríot na daoine bochta sin a fheiceál. Chuaidh sé thríom-sa ar aon-chor. Níl dídean na h-oíche féin aca, ach síneadh siar ar "shate" (seat), nó iad a fhéin a chaitheamh ar an bhféar agus codladh annsin ar feadh na h-oíche]/ Is duine gan chroidhe nach ngabhfadh sé thríd an t-asal bocht a fheiceál agus an chrúib uiliog sceanta as. Hébrí cé a raibh láimh aige ann ar chaoi ar bith ní raibh le déanamh leis ach a chur "thar fairrge" le na ló (: a "transportáil"). Bheadh spídeamhlacht ar bith sáthach maith aige agus an spídeamhlacht a thug sé féin uaidh //[Teigheann sé thríom thú a mharbhú míle uair ins an ló, ach nacharbh fhiú liom in a dheidh sin do bhás a bheith orm = teagann sé in m'intinn; buaileann fonn mé]/ Is minic a tháinic sé thríom bruicneáil bhuailte a thabhairt dó, ach ba shuarach liom a dhul ag fiachadh air in a dheidh sin. Dheamhan a fhios agam cé'n chaoi a ngabhfadh sé leis marach an t-ómós atá ag 'chuile dhuine dhá bhean /[Bhí sé ag dul thríom an maide a sciobadh as a láimh agus a bheith dhá rúscadh leis cho uain's a gheobhainn teas in a chraiceann. Ach choinnigh mé stuaim ar an bhfoighid in a dheidh sin. Níor mhór dósan gur choinnigh, arae dhá dteighinn in a éadan chor ar bith, dhéanfainn a chreach]/ Dubhairt sé liom go ndeachaidh sé thríd, cupla uair a fhiafruighe di, céard a rinne sí len ar árduigh sí léithe ó'n teach aimsir na sochraide, ach nachar

fhiafruigh in a dheidh sin. Ba é a dhéanamh léithe é, an mhagarlach chaca! / Deir siad go dteigheann sé thríd an gcapall an cinnire a mharbhú míle uair ins an ló, agus go marbhóchadh freisin marach go bhfuil an duine ins an an-mhéid in a súile. Is mó go fada an mac eilimistín atá i súil chapaill ná i súil an duine / Chuaidh sé thríom an uair a thosuigh sé ag géaraidheacht turraic a chur ann agus a chuir síos le fánaidh ins an bpoll báidhte. Go maithidh Dia dhom é, is míllteach an rud é an cathú! Dhá dteigheadh sé síos uair amháin, aníos ní thiocfadh sé! / Is minic a theigheas sé thríom — dhá gcrochtaí mé — gan deoir a fhágáil ionnad. Cé'n t-údar dhuit a bheith i gcomhnaí ag spochadh liom agus ag iarraidh a bheith ag séideadh fúm? Dar brigh an leabhair, beidh rud agad ar a shon as a dheireadh, mara n-eirighidh tú as in ám. Is mise an buachaill agad! /[Shílfeá go raibh sé ag dul thríd an madadh gliobach sin ag "Pad" an madadh se'aghainne a ionnsuighe trathnóna. Chuir sé colg air féin cupla uair, agus thosuigh sé ag drannadh, ach ní dheachaidh sé thairis sin. Ní móide gur bh fhearr dhó fhéin a dhul!]/ Tá an gamhain sin buille oilbhéasach déarfá. Níl aon-uair dhá dteigheann duine faoi ná thairis, nach mbíonn sé ag dul thríd shílfeá a dhul dhá thuncáil. Níor mhaith liom gasúir bheaga a leigean in a ghoire mara mbeadh duine maith in a gcíonn /[Chuaidh sé thríom é a fhastú, cor a chur in a láimh agus an tsinseáil a bhaint dhe gan bhuidheachas. Ba dathamhail an scéal é: mo chuid sinseála a choinneál, agus é a shéanadh annsin, agus í i gcúl a ghlaice aige i gcaitheamh an achair. Nach spleádhach uaidh an chneamhaireacht a dhéanamh / Dar mo choinsias, níl aon-uair dhá gcloisim ag caint é, nach dteigheann sé thríom a fhiafruighe dhó (dhe) cá'r fhága sé na sáspain, arae níl a shamhail in Éirinn ag caint ach an tincéara mór ruadh sin a mbíonn an buinín beag de bhean ag dul thart aige]/ Tá sé ag dul thríom fód móna a sháthadh siar in do bhéal, dhá gceapainn go mbadh rud é a chuirfeadh ó clabair-eacht thú. Nach breagh nach dtiubharfá scíth de do theanga uair eicínt, agus gan a bheith ar an táirm chéadna igcomhnaí //

"Dul" le "idir": níl ag dul idir é agus codladh na h-oíche anois ach an duine bocht sin a chur de thaobh tighe / 'Sé a bhfuil ag dul idir é agus grásta Dé na damhsaí / Sin é a bhfuil ag dul idir thú agus do leas: cead bóithreoireacht' a bheith agad / Níl ag dul idir é anois agus an pósadh ach na cupla punt sin, ach sílim mara bhfaghaidh sé iad nach ngabhfaidh aon-bhrat air an "turn" seo /[Dhá mbeadh gan a bheith ag dul idir thú agus sógh an tsaoghail ach na cupla scilling sin a fháil, bíodh a fhios agad nach bhfuighidh tú uaithe siúd iad. Cnuastóir ceart í]/ Dhá mbeadh gan a bheith ag dul idir mé agus flaithis Dé ach é, ní thiubharfadh sé dhom ar an gcuntar sin féin é /

"Dul" le "as": chuaidh lampa as = mhúch an lampa / Tá an teine ag dul as mara gcaithidh sib cupla fód uirre / Tá sé ag dul as a chraiceann le leithead = ag imeacht as a chraiceann / Tá sé ag dul as a chranna cumhachta le neart airgid / Tá tú ag dul (: ag imeacht) as do chuid éadaigh = thú an-tanaidhe; an t-éadach ro-mhór agad, de bharr go bhfuil tú ag tabhairt anuas / Tá sé in am a dhul as an ngarrdha anois = imeacht / Ní bheitheá indon a dhul as seo go h-Árainn gan a dhul isteach Gaillimh /[Is fada an t-achar a dhul as seo go Baile Átha Cliath / Níl sé indon a dhul as an teach ósta gan a chuid airgid ar fad a chaitheamh]/ Níl sé indon a dhul as an mbaile (: an baile a fhágáil) gan achrann a tharraint / Ní bheitheá indon a dhul as an mbád mar sin / Ní bheadh sé indon a dhul as an bpríosún gan caraideachaí / Is deacair a dhul as Éirinn anois in aon-áit / Tá sé in am agad anois a dhul as an gcleachta sin = eirghe as / Ní mór duit a dhul as an gceird sin, má's leat aon-mhaith a dhéanamh /[Chinnfeadh air a dhul as an abhainn choidhchin, marach gur casadh an bealach mé = a theacht amach aisti / Ní féidir a dhul as an bhfairrge mar a bhfuil snámh agad]/ Má bheireann an scrath-glugair sin ort, ní ghabhfaidh tú aisti go luath / Chinn air a dhul as an dóighteán. Níor fritheadh ach a chnámha / Ó a ghabhfas tú ins an uaigh, tá sé fánach agad a dhul aiste / Ní dheachaidh sé as poitín ariamh go dtí an Nodlaig seo = bhíodh sé aige / Cá'id ó 'chuaidh tú as tobac = cá'id ó d'ídigh tú do chuid tobac ar fad / Cuirfidh mé an dá gharrdha sin mar a dteighidh mé as leasú / Níl aon-bhaoghal orainn a dhul as fataí fós. Tá lán cró annsin thoir nachar bearnuigheadh chor ar bith /[Ní raibh curtha agam ach an dá chúl thoir nuair a chuaidh mé as feamainn. D'fhága sin an chuid eile gan cur]/ Tá sé ag dul as congnamh anois = is gearr nach mbeidh aon-chongnamh aige (: beidh a lucht conganta i.e. a chlann agus rl. imighthe uaidh) / An bhfuil tú ag dul as airgead? / Tá sé ag dul amach as na glúine = tá dronn amach ar a ghlúine (tá sé ag dul amach ar na glúine) / Tá sí ag dul siar as a tóin ar fad / Tá tú ag dul amach an-mhór as do bholg le goirid. Cá bhfuair tú an stomán sin? /[Chuaidh sé amach ar fad as an druim ó a chonnaic mise go deireannach é. Is gearr go mbeidh sé cromta]/ Ní cheannóchainn an capall sin chor ar bith. Cuimnigh go bhfuil mise dhá radh leat: is gearr a bhéas deantús maitheasa ar bith ins an gcapall sin, agus sin é an fáth go bhfuil sé ag iarraidh a cur uaidh. Níl néal ar bith air sin. Nach bhfeiceann tú í ag dul amach ar fad as na guailní. Tá sí caithte indiaidh a mullaigh uiliog anois. Is beag an dochar di agus na h-ualaigh a chuireadh sé uirre /

Tuilleadh:

"Dul" le "ar": chuaidh sé amach ar a bhéal agus ar a fhiacla insan lochán = in diaidh a mhullaigh / Chuaidh sé ar iarraidh / Má leagann sib annsin í gabhfaidh sí ar iarraidh / Tá sé le dhul ar aimsir (: ar páighe, ar a shláinte, ar cheannsacht a chnámh agus rl.) / Ní dheachaidh deoir óil ar a bhéal ó shoin / Ní dheachaidh aon-cheo beatha ar a smut le seachtain = beithidheach / Ní dheachaidh greim ar a bhéal le mí / Níl a fhios agam nach dteastuigheann an ola (dhéidheannach) a dhul air / Chuaidh an ola ar L. indiu = cuireadh an ola air / B'fhearr an ola a dhul air sílim / Ní dheachaidh aon-chuma déanta ar an teach sin chor ar bith / Is dona an déanamh a ghabh (: chuaidh) ar an gcruach mhóna sin / Chuaidh sé go bog agus go cruaidh orm ag iarraidh mé a thabhairt leis, ach ní rachainn = chuaidh sé géar orm; bhí sé in m'éadan ar feadh i bhfad dom' iarraidh /

"Dul" le "do": tá sé ag dul do'n ól aríst = ag ól aríst / Níl a fhios agam cé'n chaoi a rachaidh an scéal nuaidhe seo dhó = an dtaithneochaidh sé leis nó nach dtaith-neochaidh / Chuaidh sé 'fhoisceacht mbeannuighidh Dia dhó é a mharbhú = an -ghar / Chuaidh sé cho gar dó agus a chuaidh an ceol do Hannraoi (: é a mharbhú, a bhriseadh, as a phosta; é a bháthadh agus rl.) / Chuaidh sé 'un sochair ('un leasa, 'un maitheasa, 'un tairbhe agus rl.) dó an méid sin scíthe a fháil (fc. "dul le chun") /

"Dul" le "le": níl a fhios agam cé'n chaoi a ngabhfadh sé leis marach an t-ómós atá dhá bhean = cé'n chaoi a mbeadh an scéal aige / Is deacair a rádh cé'n chaoi a ngabh -fadh sé leis marach go bhfuair an sean-fhear bás / Chuaidh mé ag an dochtúr le mo cois = bhí rud eicínt ar mo chois agus chuaidh mé ag an dochtúr nó go mbreathnuigh-eadh sé uirre / Teirigh ag an dochtúr leis an láimh sin / B'éigin dó a dhul ag fear cnámha le na rúitín /

"Dul" le "chun": tá an lá ag dul 'un síneadh = ag dul 'un faid / D'aithneochthá ar an trathnóna cheana féin go bhfuil sé ag dul 'un síneadh / Chuaidh mé 'un réidhtigh leis = rinneamar síothchán nó eadarascán / Ní ghabhfaidh na tíreannaí sin 'un réidhtigh nó go mbeidh a bhfuil ar an domhan marbh / "Ach Páras a dhul 'un réidhtigh le Úna Dheas Ní Níadh" = socrú (pósta) a dhéanamh léithe /

"Dul" le "i" (: ins): gabhfaidh tochas ins an tóin agad, má ghníonn tú sin aríst = cuirfear / Gabhfaidh glugar ins an gcluais agad mara n-eirighidh tú as anois / Chuaidh teas ins an gcraiceann aige deirimse leat. 'Sé a bhí sé a thuaradh dhó fhéin ar aon chor = cuireadh / Shíl sé a dhul ins an bpíobán agam (: ins an dúdán etc.) = breith ingreim muiníl orm / Is maith gasta a rachadh sé sin ins an gcraiceann agad anois = thú a ionnsuighe / Ag iarraidh a dhul inglacamas lámh

Díbliú = ainm-bhriathar, ainm-fhocal [Fuaim — bíonn g in áit d in a thosach scaithtí)
Díbliú = ag ithe agus ag gearradh; ag sciolladh; ag feannadh; ag coireadh; ag cáineadh agus rl.

Ní fhaca mé aon-díbliú in mo shaoghal ariamh mar a thug sé ar an mbean. Mhaithfeá do Dhia gan a bheith ag éisteacht leis ag liobairt uirre. D'ith sé go cnáimh í / Leig de do chuid díbliú anois. Níor thuíll duine ar bith anseo an díbliú sin uait. Teirigh ag díbliú ar an dream a rinne rud ort. Ach ní rachaidh, mar ní leigfeadh an faitíos duit / Deir siad go dtug an sagart díbliú an mhíádha air indiu. Rug sé air ag teacht amach as tigh Bh., agus má's thuas a fríothadh é, is thíos a fágadh é shul a bhí sé réidh leis. Tá teanga nimhe-neannta ag an sagart sin, 'nuair a áitigheas sé duine. Sagart soineannta go leor é, nó go mbaintear as é, ach má bhaintear, bí ar do shon féin annsin /[Tá an catmara ar a béal sin. Chuala mise í ag gíbliú (: díbliú) ar J. Sh. seo thoir cheana — rud eicínt a tháinic eatorra — faoi shinseáil agus má chuala féin tabhair gíbliú air. D'fheann sí isteach go smior é. Ní éadáil mhór ar bith do dhuine a tarraint air, dhá bhféadadh sé a leigean thairis / Bhí sé ag díbliú ar Develera faoi gan aon-phradhas a bheith ar chaoirigh. Diabhal aithne air nach ag Develera atá na caoirigh a cheann-acht. "Ní cheannuigheann Develera caora ar bith ar bith" adeirim féin. "Níl aon-talamh caorach aige." "Go leaghaidh mac an Diabhail é an cneamh-aire" arsa seisean. "Is mór an feall nach bhfuil díol a dhroma aige de thalamh eicínt nach n-eireochadh sé as — an ruifíneach ó's seis-ean é"]/ D'ionnsuigh sé ag díbliú orm gan fáth gan ábhar. Ach is beag nach dtug mise ábhar dhó shul ar dhealuigh mé uaidh. Dar fiaguidhe thiubharfainn marach gur coisnigheadh orm é / Rinne M. gíbliú (: díbliú) ar gach agus ar bhain leis. Níor fhága sí aon-duine amháin dhá chine nachar bhain sí fogha agus easbaidh as. Is uirre a bhí stiúir na ropair-eacht' dhá ríre / Breagh nach dteigheann tú agus a dhul ag díbliú air fhéin. Dheamhan a fhios agamsa céard a bhaineas dó fhéin ná dhá mhuin-tir. Tá sé annsin thíos agad, agus níl i bhfad le dhul agad len innseacht dó gur scoinmhíol é, má thogruigheann tú. Ach ná bí do mo bhodhrú-sa faoi níos fuide / Tugann sé sin díbliú brocach ar 'chuile dhuine nach dtaithnigheann leis, nó nach bhfuil aon-bhrabach aige air. Ach cuirfidh mé geall gur beag a chloisfeas tú a rádh faoi A. Sh. é. Is maith an rud grádh nó faitíos. Dhá bhfaghadh sé sin tada amach in a dhiaidh, speirfeadh sé ar bhall na h-áite é, speirfeadh sin /

Dinglis: ainm-fhocal buineann, tuiseal geineamhnach uathaidh = dinglise

[Fuaim — n ar lár ar an

Achréidh agus g le srónaighil. Déantar g de'n d tosaigh scaithtí ar an

Achréidh freisin]

Dinglis = cineál drithlíní a bhíos induine agus má theangmhuighthear leo, tosuigheann sé ag preabadh agus ag léimneach. Bíonn siad is gach uile áit indaoine; indaoine eile ní bhíonn siad ach i bpuill a n-ascalla, in a n-ioscadaí, i mbuinn a gcos agus rl.

Tá dinglis ionnam / Nach innte atá an dinglis / Tá sé faoi dhinglis fré chéile / Tá sé ag dul as a chranna cumhachta le dinglis / Cuirfidh mé dinglis ionnad / Chuir sé dinglis ionnam / Chuaidh dinglis ann agus léim sé de'n stól. = cuireadh dinglis ann / An ndeachaidh dinglis ariamh imbonnaidheacaí do chos / Ní fhaca tú a leithide de dhinglis induine ar bith ariamh agus atá ann / Bíonn cuid de na daoine gan dinglis ar bith / Níl aithne ar bith agad uirre! Is minic muise a chuir tú dinglis innte, má sin é do scéal! / Tá sé ag cur dinglise in inghin Mh. Bh. anocht = dhá cláradh = ag suirghe léithe / Is deacair dinglis a chur innte sin. Tá sí an-ghiongach. / Nachar bhreagh an rud a bheith ag cur dinglise innte. Thuitfeadh sí agad in aon-chuaille amháin — marbh ar fad! /

Dingliseach = aidiacht as dinglis = dinglis a bheith induine nó i mbeithidheach

Tá sé an-dingliseach / Níl ort ach do láimh a leagan ar a ghualainn agus eireochaidh sé de chothrom talmhana le dinglis. Ní fhaca mise aon-duine ariamh is dinglisighe ná é. Is mó dinglis é ná N. agus tá sin sáthach dona / An-fhear dinglis' é. Ní bheadh ort ach do lámha a chur amach mar sin, mar dhóigh de go raibh tú ag cur dinglis' ann, agus thosóchadh sé ag léimneach ar fud an tighe. Is gránna an rud a bheith cho dingliseach sin / Is capall dingliseach go leor í = capall bruithte meargánta nach féidir lámh a leagan uirre / Tá an capall sin aige an-dingliseach. Chonnaic mé annsin thuas í an lá faoi dheireadh. Chuaidh sé isteach go dtí í len a cuid a leagan aice, agus fhobair go spréachfadh sí. Maidir le eirghe in áirde bhí sé uirre; mo léan / Broimín an-dingliseach í … Leag do láimh uirre feiceam -uist! Má leagann, beidh a fhios agad é / Bíonn an "breed" sin an-dingliseach. Dheamhan capall dhá dtáinig ó stail Ch. nach raibh amhlaidh; bruithte, spéir-eamhail agus daol is 'chuile cheann aca! Bhfeiceann tú an cleas a rinne capall an Fh.? /

Díleaghadh: ainm-fhocal; fireann; níl aon-iolraidh.

Díleághadh: sain-chiall na Gaillimhe leis an bhfocal seo .i. imeacht nó anachain eallaigh agus maoine agus daoine, de bharr teire nó geise; leághadh chubhar na h-abhann; smál; míadh; tubaiste; diomallú míádhamhail; mí-chinneamhaint.

Tá an díleághadh ar mo chuid = faghann a mbíonn d'eallach as d'áirnéis agam bás. Níl maoin ar bith ag feithiú liom de bharr teire, smáil, tubaiste, nó dubh-chinneamhna eicínt. /[Ó'n lá sin amach, tháinic díleághadh ar a raibh aige. Níor fhan gamhain ná bó ag gabhail leis. Bhí an anachain chéadna ar a chuid muc 'sabhálaidh Dia sinn. Bhasc a chapall í féin i gclochar. Thagadh an galra cam ar a chuid caorach an uair nach mbíodh sé ar aon-chaoirigh eile ins an tír. Níor fágadh bonn bán air.]/ 'Sé an díleághadh sin mar d'innis mé dhuit, a chuir de dhruim tighe é. Bhí sé fánach aige aon-chúis a dhéanamh. [B'éigin dó an teach agus an talamh a dhíol agus a dhul síos go G. Bhí sórt sipín beag annsin aige ar feadh scathamh, ach níor eirigh sin leis ach an oiread. Tháinig an sirr-iam air agus thóig má's beag mór a bhí aige ann, in ómós fiacha. Fuair sé bás ins an "bpoorhouse" faoi dheire agus faoi dhó (: dheoidh)]/ Deir siad gurb éard a d'fhága an díleághadh air sin, sceach a raibh geis uirre thiar ingarrdha an Ch. a bhaint. Bhí na "daoine maithe" — diúltaigheamuide dhóib — fúithe. An uair a tharraing sé an tuagh, tháinic an guth go dtí é: "ná buail" adeir sé. Ach bhí S. cho dórainneach, cho dubhshlánach sin, agus nach gcoiscfeadh sé a láimh. Bhain sé an sceach thrí 'chuile údragáil. Ó'n lá sin amach bhí an díleághadh air: leághadh chubhar na h-abhann ar a raibh aige. [Dar fiadh bhí an fear sin deiseamhail, ach ba bheag an mhaith dhó a chuid deis lá agus gur thosuigh an saoghal ag dul in aghaidh. Níor fhan bó ná gamhain ná caora aige nar báitheadh nó nar bascadh nó nar cailleadh. Ó a bhuaileas an smál sin iad, is furasta leo imeacht. An tsiocair is lugha faoi'n domhan, agus scaithtí ní call dóib tsiocair ar bith. Bhí sé taobh le sean-bhó bhuidhe ins an deire. Chonnaic mé féin í sin aige. Ní feasach dom ar cailleadh í sin nó gur cailleadh í le aois, ach ba chuma dhó-san sin. Ba mhaith bocht an fear é indeireadh a shaoghail, agus beo bocht a bhí a chlann in a dhiaidh nó gur dhealuigh siad leo ar fad as. Sin é an chaoi a ndeacha an sceach dó. Ara bhí sé cho do-chomhairleach leis an saoghal. "A chomhairle féin do mhac dhanra" arsa tusa "agus ní bhfuair sé ariamh níos measa. Níor ceart do dhuine ar bith, ar aon-chor, a dhul thar theasbánadh, agus fuair

seisean an teasbánadh — go ndéanaidh Dia grásta air!]/ Bhí sruth agus gaoth leo an fhad agus a bhíodar thuas, ach ó'n lá ar athruigh siad síos chuaidh an saoghal in a n-aghaidh. Tháinic díleághadh ar a raibh ag gabhail leo. Go fiú agus an síol féin a chuiridís ní bhíodh sé ag eirghe leo. Is minic a loiceadh a gcuid fataí agus togha an bharr ag 'chuile dhuine eile. Bhí anachain muc agus anachain daoine orra in éindigh — ní dhá roint leo é. [Fuair triúr mac breágh bás imbéal a chéile orra. Dheamhan a fhios agamsa a raibh eatorra ach an bhliain. An fear aca atá ins an gcomhaireamh ceann indiu, is beag fear tighe ná urláir in do thír is boichte ná é. Ní maith a chuaidh an imirce do na créatúir bhochta sin]/ Chuala mé go minic go raibh geis ar an gcnocán sin: go raibh sé sídheamhail. Deir 'chuile duine go raibh rudaí dhá feiceál ann. Ach ní raibh géilleamhaint ar bith aige-san do chúrsaí de'n tsórt sin. Bhí rachmall an airgid air, agus chaith sé in a cheann teach nuadh a dhéanamh. Ní bheadh aon-shásamh aige ann go ndéanfadh sé ar an gcnocán sin é, th'éis go raibh 'chuile dhuine ag cur aithne air gan drannadh leis. Má's é an t-Athair M. féin é — 'sé a bhí annseo an uair sin — chuala mé gur dhubhairt sé leis go mbeadh sé in aithmhéala, mara bhfágadh sé an cnocán agus a raibh ann len a n-anshógh féin. Ach ní raibh aon-chomhairleachan in a chíonn. Ó a chuirfeadh sé roimhe rud a dhéanamh. Bhí sé cho dána le múille. Réab sé an cnocán as a lúdrachaí ar aon-nós, agus rinne sé an teach. Tá sé fuar falamh annsin ó shoin, mar a fheiceas tú féin é. Dheamhan duine a chomhnuigh ariamh ann sílim. Marbhuigheadh an mac shul má bhí sé déanta. Sáthach fánach a marbhuigheadh é freisin. Ord a thuit de'n scafall air. Buaileadh síos an inghean agus chaill sé an domhnuidheacht airgid léithe, ach ní dhearna sí aon-mhaith ariamh. Thuit binn an tighe go talamh shul má bhí sé réidh. Shílfeá go mbadh shin é a dhóthain de theasbánadh, ach chuaidh sé in a éadan as dubhshlán in ath-uair. Ní fhaca sé an chloch spideoige ariamh air. Bhí sé ag déanamh creafóige. Ó'n lá ar thosuigh sé ag ordluigheacht ar an gcnocán sin — shílfeá gur beith a bhí air é — níor fhan rud istigh ná amuigh aige nar tháinig an díleághadh air. D'imigh a raibh aige agus ar chruinnigh sé go cruadh — d'imigh sé in a ghlaedh ghlas. B'éigin do'n bhean agus do'n chuid eile de'n chlainn lascadh leo as ar fad ins an deire. Bhí an díleághadh ar a gcuid as comhair a dhá súil. Níl a fhios agam an raibh an oiread aca agus a thug go G. iad. Má bhí, dheamhan tada leis é. Níl duine ar a shliocht indiu; i gcruthamhnas nach ceart d'aonduine a dhul ag cur araoid ar

an sluagh sidhe — diúltaigheamuide dhóibh agus fuagruigheamuid deagh-chomharsanacht orra!]/ Bhí teir ar na guirt sin ariamh. Ní raibh goir ag bó na gamhain a dtaithiughadh nach raibh an t-imeacht orra. Bíonn guirt ann mar sin thar a chéile, agus an té a mbeidh siad aige, is fear é a mbeidh an tseamair Mhuire aige, nó tiocfaidh an díleághadh ar a chuid. [Is ar a chruadh-chúis do dhuine ar bith a mbeidh guirt de'n tsórt sin aige, gan rud a chur ionnta uair eicínt. Is mór an nídh a bhfeiceál ag dul i bhásta. Tá cuid de na daoine agus ní thiubharfaidís áird ar bith ar na sean-chainteannaí sin. Bíonn an oiread saint' ionnta chuig an saoghal agus gur cuma leobhtha teir ná teir. S. L. a bhí annsin thoir, an uair a cheannuigh sé an talamh thuas ó P. N., dubhairt daoine leis nach n-eireochadh an tabhairt sin leis chor ar bith — go raibh teir ar an ngiodán ab fhearr ag gabhail leis, agus nach raibh aon-lá ariamh nach raibh an díleághadh ar bheithidhigh Ph. N. ann. "Má's teir nó teir anois é" adeir S. L. "rachaidh gach beithidheach ag gabhail liomsa isteach ann. Nach mé a shíleas sib a bheith adhartha go leigfinn an priobán is fhearr ar an talamh i bhásta ingeall ar shean-chainteanna seafóideacha". Chuir sé na beithidhigh isteach ann, ach dheamhan díleághadh a tháinig orra. D'imigheadh ceann anois agus aríst, ach d'imeochaidís sin in áit ar bith. Ní bheadh beithidheach seachtain i mbéal a chéile ag P. N. ann an uair a bheadh taobh na bpoll as a chionn. Sin é an chóir a mbíonn sé. Measaim féin, scaithtí gurb ar an duine agus nach ar an áit a bhíos an teir. Bhí smál eicínt ar Ph. N. nach n-eirigheadh tada leis. / Tá an díleághadh ceart ar an duine bocht ó phós sé. Cailleadh cliobóg de chapall bhreagh air. Bhí bó bhainne tachttha ins an gcró roimhe, maidin. Ní fhanann laogh ná gamhain aige nach bhfuil an bhail chéadna orra. Thug sé leath-cholapa dheas a bhí aige anuas ar an mbarr-garbh oíche roimh an aonach anuiridh, len a cur siar lá'r na bháireach. Dheamhan pighinn de chúig phunt dhéag airgead nach bhfuigheadh sé uirre. Ar a dhul amach dó ar maidin, fuair sé sínte ins an iothlainn í agus a cois briste. Leag sí claidhe na h-iothlann agus thuit brúisc uirre féin dó (: de). Thug sé fear cnámh aice, agus dheasuigh sé í, ach ní raibh aon-bhiseach ag teacht uirre in a dheidh sin. Mharbhuigh sé ins an deire í / 'Sé an díleághadh atá ar an mbuachaill sin nach dtugann sé greim len ithe dóibh go gcaillteár leis an ocras iad. Amhgar agus anshógh atá ar a chuid beithidheach, agus ní díleághadh. Seadh b'fhéidir! Nach bhfaca mé laogh breagh annsin anuiridh aige — céileóg. Tabhair laogh breagh air. Choisc sé é faoi cheann míosa, agus níor thug sé gabhail ná uchtóg dó ach a chur siar in Garrdha na L. ag ithe raithnighe. 'Meas tusa an cothú do laogh í raithneach. Bíodh unsa céille agad. Thú féin agus do chuid díleághadh. Is gearr ó'n bpéire laoghannta sin thíos anois aige. D'fheicfeá ag eitealla leis an ocras iad.]/

Dicheall = ainm-fhocal; fireann; tuiseal geineamhnach — díchill.
Dicheall = oibriú ar do neart; do cloch-neart; mine-ghéire; cho maith, co beo, co h-achmhuinneach nó cho spleodrach agus is féidir; lán-tsaothar

Tá sé ar a dhicheall = ag oibriú cho maith nó cho h-achmhuinneach agus atá sé indon / Bhí sé ar a dhicheall ceart (ar a shean-dicheall, ar a míle dicheall, ar a seacht ndicheall, ar a dhicheall báis agus beatha, ar iomlán a dhichill agus rl.) / B'éigin dom mo dicheall a dhéanamh críochnuighthe len a thabhairt aníos / Déan do dhicheall a fhleasca(igh) / Breagh nach ndéanann tú do dhicheall leis /[Eirigh as an spreallaireacht agus déan do dicheall]/ Teirigh ar do dhicheall. Tá an iomarca leisce ins an gcnáimh agad, tá sin /[Chuaidh mé ar mo dhicheall ach má chuaidh féin ba bheag an mhaith é mo dhicheall]/ Ab shin é do dhicheall. Má's é, is beag an mhaith é do dhicheall / Bhí mé ar mo sean-dicheall ar feadh an lae, ach chinn sé dubh agus dubh orm é a chríochnú in a dheidh sin / "Is leor do dhuine dhona a dhicheall a dhéanamh" /[Rinne mé mo dhicheall agus deir siad gur leor do dhuine dhona a dhicheall a dhéanamh.]/ Sin é a bhféadaimse a dhéanamh leis, ach is leor do dhuine dhona a dhicheall a dhéanamh, is leor sin / Sin í anois í. Tá sí scríobhtha agus ní go slachtar é, ach is leor do dhuine dhona a dhicheall a dhéanamh /[Rinne mé péire cléibh dhó, ach cé'n sórt déanamh é! Ceo ar bith ach go dtiubharfaidh siad uailín móna ó'n bportach dó. Bhuel, is leor do dhuine dhona a dhicheall a dhéanamh" arsa tusa]/ "Is leor do Mhór a dicheall" = is leor do dhuine a dhicheall a dhéanamh = ní féidir le duine a dhéanamh ach a dhicheall / Ní fhéadaimse a dhéanamh níos mó. Is leor do Mhór a dicheall, arsa tusa /[Shaothruigh mé go maith é, ní as ucht mé féin dhá rádh é, ach chinn orm de mo bhuidheachas. Ach nach leor do Mhór a dicheall, mar adeir an ceann eile]/ Ní dhéanfaidh do dhicheall é = cinnfidh sé ar do dhicheall / Cinnfidh sé ar do dhicheall an cloch sin a árdú /[Ní dhéanfaidh do dhicheall an méid sin oibre indiu / Dhá mbeadh sé léithe ó shoin deamhan a mhíle dicheall a thiubharfadh gaoth di]/ Cuirfidh sé go dtí do dhicheall thú an méid sin a ghróigeadh indiu = 'sé do dhicheall é / Cuirfidh sé go dtí do dhicheall tú an oiread feamainne a bhaint an rabharta seo agus a leasóchas an dá garrdha siúd / Má bhíonn tú réidh 'sé do dhicheall é. Tiubharfaidh sé rud le déanamh dhuit freisin, dar mo choinsias / Spréidh mé é, ach ba

é mo dhicheall é. Diabhal bréag nachar fheach sé mé freisin / Ní thóigfidh tú é gan do dhicheall (a dhéanamh) / Rinne sé a dhicheall orm, ach chinn air mé a leagan in a dheidh sin /[Má ghníonn tú do dhicheall air, b'fhéidir go mbainfeá é, ach má's eadh ní ar an deis sin é / Rinne siad a ndicheall ar an máistir scoile len a bhriseadh, ach níor fhéad siad]/ Chuaidh mé thar mo dhicheall leis agus tá a shliocht orm: tá mo dhruim mar atá sí ó shoin. Ní fhéadaim a lúbadh ná a díriú / Níl gnaoithe (gnotha) ag duine ar bith a dhul thar a dhicheall. Má theigheann, beidh a shéala air. Sin é an chaoi ar bhain P. S. stangadh as féin /[Chríochnuigh mé é, ach fuair mé mo dhicheall uaidh / Fuair mé mo dhicheall go binn uatha ag iarraidh a gcur isteach. Tá an diabhal crónta (: corónta) ar an gceann buidhe. Ní raibh le déanamh leis ach é a mharbhú]/ Fuair mise mo dhich-eall indiu ag iarraidh na claidheachaí siúd a bhiorrú, agus ná leagaidh aríst iad, má tá an t-ádh oraibh! /[Thug sé mo dhicheall dom an malach feamainne sin a líonadh ag an láimh atá agam]/ Go gcuiridh Dia an t-ádh ort! Is beag an dicheall a rinne tú leis. Dhá ndéantá ní mar sin a bheadh sé / Dhá ndéanadh sibh an dicheall sin i gcomhnaí, bheadh rud agaibh, ach leigfidh sib a (: bhur) maidí le sruth anois aríst go ceann míosa /[Is dona na gnaithí a bhí oraibh an dicheall sin a dhéanamh le cuid aonduine. Dá mba bé (: dá mba é) a (: bhur) gcuid fhéin a bheadh ann, mise imbannaí gur beag an baogh-al a bheadh oraibh a dhéanamh]/ Is fadó ó do dhicheall tú fós. Leag ort féin! Cé leis a ndeachaidh tú chor ar bith / Shíl tú go raibh sé ag déanamh a dhichill. Ní raibh muis a mh'anam. B'fhada ón a dhicheall a bhí sé. [Dhá mbeadh, ní raibh aon-fhear ins an bpáirt sin nach scóthfadh sé, ach P. Ph. b'fhéidir. Bainim P. as margadh gan "doubt"]/ Dicheall fánach é a dhicheall sin. Ní chuirfidh sé a lúth amach deirimse leat / Déanadh sí a dícheall faoi chéad, agus is beag an ghoir a bhéas aice uirre siúd — ar inghin J. Th. Dicheall suarach é a dicheall le h-ais inghin J. / Droch-chríoch ar a dhichillín suarach! Is postamhail a laibhreochadh sé ins an áit a mbeadh fir! / Droch-rath ar do dhicheall agad! Bhí céad lá de mo shaoghal agus dhéanfainn an oiread i gcaitheamh uair an chluig agus a dhéanfá seachtain mhór fhada! / Sin é an dicheall suarach, a dhicheall shin! / Sin é an dicheall mar siúd, a dhicheall sin! Ní bheadh a dhíol féin móna

bainte aige in imeacht ráithe, ní áirighim in imeacht mhíosa! / Fuair mé mo sheacht ndicheall uaidh. Marach a fheabhas agus a bhí mé ar mo mhaidí, chinn-feadh sé orm / Chuaidh ag mo dhicheall air, ach 'sé a raibh ann é = b'éigin dom mo dhicheall go binn a dhéanamh leis an gceann is fhearr a fháil air / Rinne sé a dhicheall ar an gcloich ach níor bhris sé í ina dheidh sin / Ní féadfaidh do shean-dicheall a chur as sin / Tá sé ar a chroidhe-dhicheall ag gabhail fhuinn /[Bhí sé ar a chroidhe-dhicheall ag cumadh bréag. / Is maith an dicheall dom (orm) na cearca a choinneál as an ngarrdha sin thoir = 'sé mo dhóthain go binn é le déanamh]/ Is maith an dicheall air (dhó) móin a choinneál isteach dhá mbeadh gan tada eile a bheith ar a aire / Dar príosta ba mhaith an dicheall duit caint a choinneál leis agus a raibh le rádh aige. Is mór an t-iong-nadh nach mbeadh sé tuirseach uair eicínt di /[Ba mhaith an dicheall dhom salann a choinneál tarraingthe aige as G. ar feadh na bliana anuiridh. Ní raibh cinneadh go deo lé'r ith sé d'fheoil agus d'iasc]/ Is maith an dicheall dom pighneachaí a choinneál caithte amach lib. Tá trálach (: tálach) in mo láimh le uair dhá gcaitheamh amach annseo, agus sibse dhá gcrapadh. Tá mé bánuighthe agaibh. Cáit cúig ionntuighthe thú féin asta, a chomhursa / Dar diaguidhe is maith an dicheall di an mhóin a scaradh. Agus tá scaradh fada uirre freisin /[An uair a bhí siad uilig cruinn ba mhaith an dicheall di arán a choinneál fuinte leo, ba mhaith sin]/ Is maith an dicheall do T. a bheith ag tarraint mhóna do mhac Ph. Sh. Agus tá sé ag fágáil a chuid oibre féin annsin gan déanamh /[Is maith an dicheall di a gcumhdach ar fad — cheithre dhuine dhéag aca. Cé'n bhrigh ach tá an chuid is sine aca cho h-ámhuilleach len a bhfaca tú ariamh, agus an cuid is óige an-chantalach]/ Is maith an dicheall do'n Ghearmánach coc a thabhairt dóib ar fad. Tá a bhfuil aca ann in a mhullach. Is gearr a thiubharfas anois. Tá sé ar na preaba deireannacha cheapfainn. B'ait é, agus seasamh an fhad sin féin / Ba mhaith an dicheall duit freastal dóib ar fad. Cé'n bhrigh, ach ní shásóchadh a bhfaca tú ariamh cuid aca sin. Ní bheadh uatha ach údar casaoide /[Is maith an dicheall dom rith síos agus aníos ag siopaí 'chuile ré soluis le tobac a fháil duitse. Meas tú an bhfuil tada eile ar m'aire, ach a bheith ag "tendáil" ortsa. Is maith é mo luach saothair muis. Gheobhaidh tú féin feasta é ar mo shonsa nó troiscfidh tú. Is fadó an lá a bhí agam é a dhéanamh leat]// Ní bheidh sé déanta againn th'éis a (: ar) ndíchill = dhá fheabhas dá n-oibreochaidh muid ní bheidh sé déanta [tá an leagan sin rí-choitianta i gcaint] /

Th'éis a (: ar) ndichill, is beag na fataí a fhéadfas muid a chur dhá mbeadh muid cho maith le Ceaite Heic (Hicks?) /[Th'éis a ndichill ní bheidh aon-cheo dhá bharr aca / Is beag atá sé indon a dhéanamh th'éis a dhichill, agus is maith an scéal do chuid againn nach bhfuil. Dhá mbeadh, ní bheadh gnatha ar bith ag cuid againn ann]/ Cinnfidh sé air th'éis a dhichill. Níl a dhóthain stuaim ann, agus tá sé ro-uathbhásach le rud ar bith. Ní mór leis a dhéanamh de rith agus de léim / Ní bheidh sé craptha agaibh anois th'éis a (: bhur) ndichill roimh an múr. Is beag an baoghal oraibh. Tá cion cheithre bheart ann fós, nó tuilleadh. Déan-aighidh deabhadh ar aon-chor / Ní chuirfidh muid as í th'éis a (: ar) ndichill. Tá sí ro-dhaingnighthe ann. Ní mór gró agus spéicí. Rud ar bith níos lugha ná sin ní chuirfidh as í /[Níor fhéad mé aon-chaoi a chur uirre th'éis mo dhichill. Tá an feire uiliog réidh. B'fhéidir dhá dtugthá ag gréasaidhe maith í, go ndeasóchadh sé fós í, ach droch-sheans. Ná bac leis an leathar atá amuigh anois! Ní fiú do sheacht mallacht é]/ Th'éis a dichill, bhí sé fánach aice. Ab é siúd ru! Ní fhágfaidh sé siúd an teach ósta ar chomhairle aonduine, nó go mbeidh an chianóig dheireannach caithte aige. / Ní raibh bord feamainne bainte agam th'éis mo dhichill, aindeoin gur fhan mé ann, nó go raibh sé ag tuileadh in mo mhullach. Ní bheadh duine ach dhá mheath fhéin leis an bhfáisín dona údaidh. /[Ní dhéanfaidh tú aon-chúis th'éis do dhichill. Má's leat an áit sin a réidhteach fan go samhradh agus dóigh an sraith-aiteann agus na bunannaí sin 'dtigh diabhail as. Maidir le go gcuirfidh tú as mar sin iad, tá sé fánach agad]/ Ní dhéanfadh muid aon-bhun th'éis a (: ar) ndichill. Bhí an bheirt eile seo ro-láidir. Dhá dtugainn é, scuabfainn do chuileata-sa, agus bhí cosaint aige seo i gcomhnaí ar an rí. Ní bheinn ach ag caitheamh m'aon i dtraipisí i gcomhnaí /[Buaileadh iad indiaidh (: tar éis) a ndíchill. Buaileadh agus go gránna. Ní raibh goir ná gaobhar aca ar an dream eile, agus ba cheart go mbeadh a fhios aca sin ó thús]/ Th'éis mo dhichill, gabhfaidh sé righte liom a bheith críochnighthe an tseachtain seo. B'fhéidir dhá mbeadh freastal agam i gcomhnaí go mbeadh iarracht mhaith air, ach nuair a chaithim fhéin 'chaon dara súileoig a scaradh, is deacair dhom mórán dubhachain a dhéanamh. Tá an cúl siúd leis an gclaidhe thiar sáthach buan freisin. /[Níl aon-asal indon a dhul ann anois. Chuaidh mise ann tá seachtain ó shoin, agus níor thug mé liom ach bord na gcléibh. Ba trioma an uair sin é ná anois. Chuaidh sé dhá bháthadh orm faoi dhó in a dheidh sin, th'éis mo dhichill]/ Tá gnaithí de do dhicheall agad anois; beidh gnatha dhá dhicheall aige ar ball nuair a chaithfeas sé freastal do 'chuile sórt (fc. gnotha, gnatha) /

Dicheallach = aidiacht as dicheall = tugtharach do shaothar, nó do chúram (nó do ghnaithí gan iarraidh, go minic); dúthrachtach; triollúsach; líomhtha chuig saothar; díocasach

Is tú atá dicheallach = gasúr agus an iomarca cúraim air (fc. cúram) (Árainn). / Tá tú ro-dhicheallach ar fad. B'fhearr linn nach mbeadh leath do chuid cúraim ort. Ní minic gnaithí gan iarraidh buidheach /[Tá aos óg an bhaile seo ro-dhicheallach ar fad. Meastú nach bhfuil na máithreachaí bainte amach as bun an chlaidhe sin thíos aca, ag caitheamh cloich neart leo. Níl breathnú siar ar bith aca, a raibh d'anró ormsa ag déanamh an chlaidhe sin]/ Is diabhaltaí dicheallach an mhaise dhuit é. Cé a d'iarr ort a dhul ag déanamh cocaí de'n fhéar sin. Ní chuimhneochthá go deo gur mó atá tú a mhilleadh ná a leasú. Má tá an oiread sin saint oibre ort, srath-ruigh an t-asal agus teirigh 'na phortaigh /[Breagh nach mbreathnuigheann tú romhat! Chuir tú suas na clocha sin nó gur mhill tú a raibh déanta agam féin. Níl annsin ach ath-obair anois. Tá tú ro-dhicheallach ar fad. Níl aon-duine ag iarraidh do ghnaithí ort]/ Tá an catmara críochnuighthe ar na gasúir, tá siad cho dicheallach sin. Diabhal mé go gcuirfidís thar bharr do chéille thú scaithtí. Ní fhéadfaidís foras a dhéanamh ala an chluig, ach ag déanamh rud eicínt / Thug mé liom siar ins an gceapuichín oinniúin sin thiar é trathnóna, nó go nglanainn í. B'éigin dom a theacht aniar le mo phíopa a dheargadh, agus chuir mé fainic air gan drannadh le na h-oinniúin. Mo léan géar ar a dhul siar dom ní raibh oinniúin ná salachar ach an oiread le chéile fágtha ins an mullach aige! Sin é atá dicheallach agad! /[Tá sé sáthach dicheallach ach ní moltar a shaothar scaithtí in a dheidh sin! Cuireadh amach ag baint máilín suip do na beithidhigh ins an ngarrdha sin thíos aréir é, ach ba mhó na dasachaí ná an sop a bhí ins an máilín ag teacht abhaile aige!]/ Fear an-dícheallach é. Is deacair a sháith oibre a thabhairt dó. Ach ní hé thairis sin de chuma a chuireas sé uirre scaithtí. Sáthach maoilscríobach a ghníos sé í / Tá sé an-dicheallach ag obair. Dhéanfadh sé an oiread le triúr, 'nuair a thosuigheas sé. Dheamh-an tuirse ar bith a bhíos air. 'Ar ndú' chuaidh fír na maitheasa ann in am / Is dicheallach an bhean í. Ní fhágann sí cathaoir ná stól ná soitheach ins an teach nach sciúrann sí 'chuile lá dhá n-eirigheann uirre. Agus d'íosfá do bhéilí de'n urlár atá aice. Bíonn sé cho glan le criostal. Agus ní fhágann sí a gort ná a garrdha ar deireadh ach oiread /[Cé'n chaoi a bhféadann sé a bheith cho dicheallach sin. Bligheann sé na beithidhigh, tarraingigheann sé cupla aistir uisce, gearrann sé cuid muc, agus is minic a ghníos sé an maistre th'éis a lae oibre]/

Diomlachaí, Diomallachaí = ainm-fhocal, fireann; ní bhíonn sé ach 'san uimhir iolraidh, cé's moite de'n ainm áite sin Áirdín an Diomalla(?)
Diomlachaí, Diomallachaí: (i) droch-thalamh, fearacht talamh garbh raithnighe, nó breaclachaí, breac-thamhnaigh, nó talamh a bheadh gaibhte i bhásta. (ii) rudaí a bheadh gaibhte i bhásta nó nach mbeadh aon-leas ionnta, fearacht píosaí éadaigh a bheadh d'fhuighleach táilliúrachta nó giotaí leathair d'fhuighleach gréasaidheachta [ar (i) is mó a tugtar é, agus níl sé ro-choitianta igcaint i bpáirt de'n cheantar]

Áirdín an Diomalla, Áirdín an Diomallach = áirdín atá ar bhóthar na Gaillimhe, tuairim agus míle go leith nó dhá mhíle taobh thoir de'n Spidéal, idir bhaile fearainn Bhaile an tSléibhe agus an Pháirc.
Deir daoine go raibh sean-roillig ann, ach ní mheasaim go raibh.
Talamh láidir riascach é, atá faoi chlocha agus faoi raithneachaí agus d'fhreagróchadh sé do dhiomallachaí /[Ná bac len a cuid talmhana sin, ná le talamh Bh. an Gh. fré chéile. Diomallachaí ó sháil go rinn é. An bhfuil dhá gharrdha ag gabhail le M. Sh. G. atá ionchurtha. Dheamhan é muis / Ná cloiseadh duine ar bith thú ag caint faoi thalamh na tíre seo. Ní thiubharfadh fear Achréidh a mbeadh giodán réasúnta chor ar bith aige, deich triuf ar a bhfuil de talamh istigh in do thír: Diomallachaí. Níl neart ag duine a dhul amach ag baint claise láin, nach ag mianadóireacht le clocha a chaithfeas tú an lá]/ Tá an leath-bhaile a bhfus réasúnta, agus is réasúnta é; ach maidir leis an leath-bhaile thiar níl fód istigh ar a fhuaid, ach breaclachaí agus diomlachaí agus brocachaí sionnaigh. An crann féin ní fhásfadh ann, mar mbeadh an caor caorthann sin ann, nó driseacha /[Ní fiú dhom a rádh go bhfuil tada ar foghnamh agam ach a bhfuil in uachtar an bhaile. Diomlachaí uilig atá le iochtar agus é faoi tomachaí, agus faoi chritheannaí agus faoi shaidhleánach. Is ann atá raithneach an tsaoghail mhóir]/ Tá an talamh siúd in a dhiomallachaí as béal éadain anois. An-talamh a bhí annsin agus 'chuile fhód dhó saothruighthe, ach níor choinnigh seisean aon-chaoi air. Go deimhin agus go dearbhtha dhuit, ní talmhaidhe é /[Dar príosta muise tá cuid mhaith diomallachaí ar an Achréidh féin! Is diomallachaí as

cnáimh éadain a chéile a bhfuil ag cliamhain Mh.: riascán, agus creigeanna, agus turlaigh, mar adeir siad féin le na turlaigh]/ Scór blianta ó shoin, diomlachaí a bhí ar fad annsin, nó gur thosuigh S. air, agus gur réidhtigh sé agus gur ghlan sé, agus gur shaothruigh sé é. Dheamhan gabhaltas talmhana ar an mbaile indiu is fhearr ná atá aige /[Caith uait na diomlachaí leathair sin. Níl aon-mhaith ionnta … Ara cé'n bhairibíní! Ní dhéanfaidís sin tada. Is beag an baoghal orra / Má sciorrann tú síos go dtí an táilliúr, mise i mbannaí go bhfuighidh tú píosa uaidh a dhéanfas é sin duit. Bíonn go leor diomallachaí éadaigh aige. Ní bheidh tú dhá mhionóid amuigh. / Coinnigidh na diomallachaí cláir sin. Dheamhan a fhios nach bhfoghainfeadh cuid aca fós. Bíonn sibh ag iarraidh cláiríní 'chuile ré solais, agus tapuighidh iad anois]/ Níl a fhios agam a bhfuil aon-phíosa agam a d'fhéadfá a chur faoi'n "tyre" sin, ach tá a fhios agam go bhfuil an t-uathbhás sean-diomlachaí caithte ar an lota, agus b'fhéidir go mbeadh an oiread ann agus a dhéanfadh na gnaithí. Againne a dheasuighthear 'chuile shean-bhicycle 'sa tír /

Diomallú; Diomailt: briathra; ainm-bhriathra [diomallú an leagan is mó atá ar an ainm-bhriathar, ach tá diomailt, diomalla ann freisin] = rud a chur amú, i bhásta, a mhilleadh, a chur ó rath, nó in an-chaoi; rud a chaitheamh go drabhlásach, go rabairneach nó go fánach.

Bhí an t-éadach diomalluighthe ar fad = píosaí bainte dhe, agus é amú de bharr droch-ghearradh a thabhairt air, nó a leithide / Níl díol drár agus báinín 'sa ngiota sin, ach bheadh, marach gur diomalluigheadh (nó diomluigheadh) é. Cé a bhí ag putráil leis ag iarraidh a ghearradh? /[Bhí ábhar gúna breagh agam, agus thug mé suas aice sin thuas é go ndéanadh sí dhom é. Dhá bhfeictheá an bhail a chur sí air! Chuaidh sí dhá ghearradh agus bhí sí leis ariamh ariamh nó nach raibh mo dhóthain éadaigh agam faoi dheireadh thiar chor ar bith leis an diomallú (diomalla, diomailt) a rinne sí air. Ba mhór an carghas éadach breagh a chur amú léithe. Ach mise a bhí

síos leis. Ná leagadh sí aon-tsnáthaid ar aon-tsnáth éadaigh
go deo, mar níl a fhios aice a dhath faoi ach an oiread liomsa]/
Dheamhan diomallú ar bith a bhíos 'san éadach in a dhiaidh.
Táilliúr an-phuinteáilte é / Shíl mé go raibh ní ba mhó
drabhláis ná sin sa ngiota éadaigh sin, agus níor thug mé
diomallú ar bith air. An-áirdeallach féin a bhí mé dhá
ghearradh. Gheobhaidh sé cnáimh le crinneadh díol an dá ghúna
a bheith ann /[Ná bac le fataí. Bhí díol baile d'fhataí
annsin thoir, marach an chaoi ar dhiomluigh siad sin iad.
Ní chreidfinn ó'n saoghal nachar thug duine eicínt cruit-
eannaí asta, mar hébrí cé'n diomallú a gheobhaidís,
níor cheart dóibh a bheith cho h-ídighthe agus atá siad]/ Bhí cladach
móna thuas annsin ar na portaigh againn marach a bhfuair sí
de dhiomallú ó na gasúir bhradacha sin. Siad a chuirtí
ag iarraidh aistireachaí i gcomhnaí, agus ba chuma leo sin
ach a tógáil caoi ar bith ba túisce aca. Tá sí thuas ann-
siúd anois in a bhrachlainneacha amach ó bhéal na gcruach
-a, agus gan deoir as aer nach bhfuil ólta aice. Tá cion dhá
"lorry" móna ann. Is mór an carghas breathnú uirre /
[Bheadh féar agaibh, marach an diomallú a rinne sib air,
plaicín ghabhair a dhéanamh dhó idtús bliana, nuair a bhí neart
tiomsacht' ag na beithidhigh ar an talamh. Anois caithfidh
siad beatha a bhaint as a gcrága nó bás a fháil leis an
ocras / Ní fhaca tú aon-fhear go h-iomaidh a dhiomlóchadh
airgead leis. Níl tíobhus ar bith ann ach é a loscadh amach
cho uain agus aireochas sé pighinn in a phóca]/ Cá ndeachaidh an
siúcra? … Th'anam ó'n "docks" é mar scéal, ní fhéadfadh
sé a bheith caithte fós mar ar diomluigheadh críochnuighthe é.
Ní hé a mhalrait de chosamhlacht atá air, 'mo choinsias! /
Sin é an rud a bhí sé a thuaradh dhó féin le fada an lá. Ól
agus ragairne agus eirghe in áirde nó go raibh a chuid diomluighthe
aige. Anois b'fhéidir céard a dhéanfas sé? /[Tá diomallú an
domhain mhóir 'sa gcaoirfheoil sin idir chnámha agus gheir. B'fhearr
punt amháin muicfheola ná trí phunt di, ach is rud í

muicfheoil nach bhfuil aon-fháil uirre anois. Níl ná ar an team-
pall a bhfuil sí.]/ Droch-rath orra mar fhataí Achréidh. Cheannuigh
muid foracún aca annsin an bhliain cheana l'aghaidh síl,
agus bhí diomallú an tsaoghail ionnta. Ba mhó na sclamhairí
ná na síolta a bhí orra go fada /[Tá an-diomallú sa
ngainimh sin. Níl sé indon muirtéal ar bith a dhéanamh. B'fhearr
dhuit ar scáth an chostais, "lorry" a fháil agus é a árdú leat
suas go M. agus gainimh ar foghnamh a thabhairt leat
ná a bheith de do mhearú féin leis sin. Ba saoire a bheadh sé
faoi dheireadh thiar thall]/ An-charr í, ach dhiomlóchadh sí a
bhfuil de "phetrol" in Éirinn. Is beag le chúig mhíle dhéag ar an
ngalún atá sí indon a dhéanamh scaithtí. Scriosfadh sí thú mara
mbeitheá in do ridire, agus sin caoi nach bhfuil mise ní ag ceasacht
ar Dhia é. Dhá mbeinn ní ag forcabhás ar an gcarr sin a bheinn /

Diomallach = aidiacht as diomall = caithmheach, rabairneach,
tugtarach do rudaí a chur i bhásta, nó gan leas ceart a bhaint asta.

Cailín diomallach í. Ní tada eile í, dar mo leabhar. Cuireadh síos
Gaillimh í Dé Sathairn, agus dá phunt aice. Tháinic sí abhaile trathnóna
agus péire beag bróga páipéir aice, agus trí agus sé pighne. Is mór adéar
-fá le fear a bheadh ag ól … /[Tá an bhean sin aige an-diom-
allach. 'Ar ndú, níl a fhios céard a leigeas sí amú. Cé'n bhrigh
dhá mbeadh aon-ghantann beatha orra, ach níl. Tá a cuid
muc agus a cuid cearc, agus a cuid beithidheach igcomhnaí ag
géimneach agus ag grágghail agus ag sclamhaireacht leis an ocras,
agus an rud a bhí a thabhairt dóibh scuabtha leo ag mádraí an
bhaile de'n tsráid.]/ Is cuma cé'n lastas a thiocfas isteach
faoi chaolachaí an tighe seo, 'sé'n droch-rath a ghabhfas air. Tá muintir
an tighe seo ro-dhiomallach le tada a bheith aca. /[Bheadh na "rangeann-
aí" sin ro-dhiomallach ar mhóin. L'aghaidh guail a rinneadh iad.
'Ar ndú' dhá gcuirtheá móin ionnta, ba mhaith an dícheall
duit a coinneál caithte síos]/ Shílfeá go bhfuil an lampa beag
sin an-diomallach ar ola. Feicim sib ag scárdadh ann 'chuile

phuinte beo. / Is diomallaighe sib ar mhóin ná trí theach.
Tháinic ualach móna indé, agus tá sé indáil le ídighthe anois
aríst. 'Sé 'u' (: bhur) gcloch neart an lá a bhaint as /[Tá
na gasúir se'aghainne an-diomallach le leabhra. Dheamh
-an seachtain 'san aer nach ag iarratas atá siad. B'éigin
dom luach "table book" a thabhairt do Sh. indé, agus fuair sé
an ceann ceanann céadna tá coicís ó shoin, ach go
bhfuil sí stróicthe ó chéile aige, an ruifíneach bradach]/

Díalúnach: ainm-fhocal, fireann, geineamhnach uathaidh agus ainmneach iolraidh
: Díalúnaigh = diúilicín nó dubhradáinín dona feosuidhe. Tugtar
ar laogh dona éidtreorach é freisin [measaim gur chuala mé
géalúnach air ach níl mé ro-chinnte. Dhéanfadh géalúnach díalúnach de
réir athrúintí urlabhraidheachta an cheantair. G. > D.; éa
> ia]

Cé mhéad adeir tú a chuaidh an dialúnach beag de laogh údan? Trí
phunt! Chuaidh sé dhá phunt thar an gceart ar aon-chor. Is gearr an
bás uaidh siúd. Dheamhan oíche Nodlag a fheicfeas sé beo choidhchin /
[Tá an dialúnach de laogh sin thoir indáil le caillte. Mara
ndéanaidh sib teálta eicínt dhó, ní dhéanfaidh sé seasamh
ar bith. Tá sé in a ghuróir thoir annsin i lúibinn an chlaidhe, agus
'chuile dheoir de'n bháistigh dhá bualadh air, agus gan é de ghus ann a
theacht anoir faoi'n gclaidhe eile ar fascadh]/ Tá dialúnach de
laogh annsin thuas agus caithfear a dhul roimhe ar chaoi eicínt. Tá
an diabhlánach ag diúl a bhodalaigh. Ní fhaca mé aon-laogh ar
foghnamh dhá dhéanamh ariamh /[Bhí uainín meirbh annseo againn an
bhliain cheana — dialúnach beag. Chaith sé cheithre mhí ag ithe as
cúl a' (: ar) nglaice. Shílfeá nach mairfeadh sé ala an chluig
an chéad uair. Uan fireann a bhí ann, agus níor cailleadh ariamh
é. Ní dhéanfadh duine ar bith tada leis ach a chaitheamh amach.
Ach dar príosta sceinn sé amach leis an aimsir, agus rinne sé an-
réithe. An reithe is fearr a bhí ariamh agam. Ní scarfainn leis
ar chuid maith marach gur báthadh é i gcaochpholl annsin
thuas ar an easca anuiridh]/

Díogarnach, Díogarnaighil = ainm-bhriathar (níl aon-bhriathar coimsighthe leis); ainm-fhocal díogarnach, díogarnaighil = léas; glinniú; gealadh beag; dé; séideog bheag; cuid an bheagáin; dubh na frighde; léireacán beag; smeámh; éagcaoineadh ag othar, go h-áirid má bhíonn an anáil ag teacht gann air; fuigheall.

"Tá sé ag díogarnaighil shílfeá = duine ag éagcaoineadh agus gan a anáil ag teacht leis / [Dheamhan ceo a bhí ariamh air go dtí an lá sin. An uair a bhí an dinnéar ithte againn, bhí sé in a shuidhe síos, agus ag seanchus cho spleodarach agus a bhí sé aon-oíche ná aon-lá ariamh. Th'éis an dinnéar bhuail sé siar ar an leabaidh. Ní raibh istigh ach B. D'fhiafruigh sí dhó (: dhe) a raibh aon-cheo air, agus dubhairt sé nach raibh. An uair a bhreathnuigh sí siar aríst air, bhí sé ag díogarnach. Bhlaoidh sí orm féin anoir as an ngarrdha. Ní bhlaodhfadh marach cho scanruighthe agus atá sí. Bhreathnuigh mé féin air. Bhí sé ar an díogarnach céadna i gcomh-nuí. An uair a shamhluigh mé féin an dochtúr agus an sagart leis, dubhairt sé nach raibh cruadhóg sagairt ná dochtúra air, go mbeadh sé soir ins an ngarrdha agam trathnóna. 'Mhuire is truagh, ní raibh mé leath-uair thoir ins an ngarrdha aríst, an uair a rith sí aniar agus é in a h-uaire móire uirre. Siar liom fhéin cho tréan in Éirinn agus a d'fhéad mé. A dhearbhráthair mo chroidhe thú, bhí srannán ann. Lasc mé féin liom i gcoinne an tsagairt agus níl ceo ar bith ach gur rug sé beo air … Bíodh a fhios agad gurb olc an rud do dhuine dóigh a dhéanamh dhá bharamhail. Ach ní cás é, míle buidheachas le Dia, ó a rug an sagart air. Sin é an rud ar fad]/ Bíonn sí ag díogarnaighil mar sin ó oíche go maidin. Níl maith ná donacht ag teacht uirre, ach ins an meath chéadna i gcomhnuí. Eirigh-eann sí laetheantaí agus baineann sí scaithín amach ar an teallach, ach tá sí ag cothú na leabthan an-mhór le goirid. Is deacair a bheith ag iarraidh maitheasa ar aonduine ó a bhaileochas sé na cheithre scóir / Ó a bhuail an ghiorranála é, bíonn sé ag díogarnaighil mar sin go minic. [Tá a fhios ag Dia go sáróchadh sé duine ar bith a bheadh in aon-teach leis, ag éisteacht leis ag éagcaoineadh mar sin. Ach is measa dhó féin é ná do dhuine ar bith. Diabhal muise go saothruigheann an té a bhíos ag éisteacht leis an saoghal cho maith leis féin]/ Scrúdfadh sé duine ag éisteacht leis an díogarnaighil i gcomhnuí, i gcomhnuí. [Ach tá neamh-shuim déanta ag na daoine anois dó. Shílfeá scaithtí anois go dtagann árdú air thar a chéile. Dheamhan indán maitheasa go deo dhó, ná cuid de indán maitheasa. Tá an liostachas ro-fhada anois air le maith a dhéanamh.]/ B'ait an fear oibre é sin. Is beag a chuala ag díogarnaighil ná ag éagcaoineadh é nó go bhfuair sé a adhbhar. [Ach tá a adhbhar aige anois, an duine

bocht, agus go maith. Ó a bhain sé an stangadh sin as a dhruim, níl sé ar a chóir féin. Bíonn sé ag teacht roimhe i gcomhnuí]/ Tá díogarnach bheag lae fós ann = leas bheag soluis sul a dtuiteadh an oíche; an fuigheall deire de sholus lae / Is beag an díogarnach lae atá ann anois, ó a theigheas an bus thart. ['Sé'n áit ar scoth sé muid an oíche faoi dheire ag ceann i bhfus na D. M., agus bhí sé in a n-oíche dhubh orainn ins an mbaile, th'éis nach rinne (: ndearna) muid filleadh ná feacadh ach a theacht díreach. Is furasta cur cur ag an lá an tráth seo 'bhliadhain. Faoi cheann míosa eile — 'seadh agus cuid is lugha ná sin — beidh sé in a oíche ar an mbus ag an S.]/ Leig mé ro-fhada orm féin é. 'Sé a raibh ann díogarnach lae agus mé ag fágáil L. [Tá a fhios agad féin go maith (: gur) deireannach é sin taca na Féile San Seáin. Anuas go díreach ag an bhF. M. a bhí mé an uair a tolladh an b. orm. Shanntuigh mé a dhul isteach tigh M. Dh. go bhfaghainn deis deasuighthe, ach dheamhan é. Chuimhnigh mé freisin sriogán (: sreangán) a fháisceadh uirre, ach le chuile chamánuí bhí mé anuas ag na h-I. gan tada a dhéanamh, ach ag siubhal de réir mo choise. Ag cruach mhóna a d'airigh mé an rud. Nar leigidh Dia go ndéanfainn bréag, ach badh é an sonnda ab áibhéile é a chonnaic mé i gcaitheamh mo shaoghail …]/ Beidh sé ann ó ló, ach ní bheidh tada le reic aige … Naoi míle ab eadh. Díogarnach fánach lae a bhéas aige an uair a bhéas sé ins an mbaile. Is deireannach a d'fhága sé air fhéin é, ach an oiread le scéal / Cé'n díogarnach lae! Bhí mé ins an mbaile ó ló mhór féin. 'Sé'n áit a ndeacha an ghrian faoi orm ag Árd D. L. [Ní mórán le ceathramhadh uaire a thóig sé orm srianadh anoir. Ba bheag leis an naoi a chlog a bhí sé an uair a tháinig mé abhaile.]/ Bhí díogaranach lae agam go dtí bóithrín Ch. E. agus ó a bhí mé ar Á. Th. níor airigh mé an chuid eile. ['Ar ndú' fánán anuas uiliog é uaidh sin amach. 'Sé an réim ó L. go bóithrín Ch. C. an chuid is buaine de'n bhóthar sin. Ó a chuirfeas tú thart é sin, ní fiú trácht ar an gcuid eile.]/ Ba bheag le go raibh díogarnach lae ar éigin ann ins an am ar eirigh mé. [Meastú nach raibh tosach ag M. B. orm. Ní raibh mé ach in mo shuidhe ar éigin, an uair a tháinig sé agus é réidhtighthe amach len imeacht. Bhí sé in a shuidhe ó mheadhon oíche. Ní raibh aige a dhul a chodladh chor ar bith.]/ Ní raibh aon-aithne lae air ar fhágáil an tighe dhom, agus ba bheag an díogarnach lae a bhí ann ar Á. D. L. féin. [Ach ghiorruigh M. an bóthar dúinn. 'Sé atá deas air. Bhfuil a fhios agad cé'n cheird a bhí air soir ar feadh an bhóthair gur bhailigh muid na F.: ag aithrist ar phuirt na n-éan. Go leagaidh an diabhail éan dár dhúisigh nach raibh sé indon a fhreagairt. Meáirseáil na fuiseoige féin tá

tá sé aige. Tá buadh eicínt aige siúd nach bhfuil ceart.]/ Bhí sé thoir romhainn ag an D. Mh. Choinnigh sé in a' (: ar) seasamh muid. "Cá'il do sholus" adeir sé liomsa. "Cé'n solus" adeirimse. "Nach bhfeiceann tú an lá ann". Agus bhí díogarnach lae ann freisin, arae bhí sé in a lá gheal againn ag S. na bhF. "Níl aon-mhaith in do dhíogarnach lae dhomsa" adeir sé. "'Sé an dlighe é go gcaithfidh soillse a bheith ag daoine ón a leitheid seo de chlog go dtín a leitheid seo de chlog". Dheamhan a fhios agamsa cé'n t-am adubhairt sé. [Dá mbeadh ceachtar de'n dream eile ann, leigfidís bealach linn ach thóigfeadh seisean an mháthair a d'oil é, tá sé cho dúrainneach sin. Is beag a bhéas dhá bharr sin aige muis. Dheamhan ceo!]/ Dá mbeadh díogarnach lae ar bith againn, ní bheadh muid i bhfad dhá dheasú, ach sin é an áit a bhfuil muid in 'u' (: ar) mbambairne nach bhfuil a fhios againn cé'n t-am é. Tá an réalta an-fhada soir, ach níl aon-bhaoghal uirre a bheith faoi. Agus níl glasadh ná gealachan ins an aer thoir. Déarfainn go bhfuil ó uair go dtí dhá uair fós ort, shul má bhéas aon-léireachan lae ann /[Dá mbreathn(uig)theá grinn, cheapfá go mbeadh díogarnach bheag lae ann, ach sin é an méid. Ba díogarnach fhánach é. Chuir sé iongantas an domhain orm fear a fheiceál thuas annsin an tráth sin. Dar mo choinsias bhí roint bheag scátha do mo bhualadh, níl aon-mhaith dhom a dhéanamh ach an ceart. Ach d'aithin mé é ar an toirt agus ar labhair sé]/ 'Sé a raibh sé in a dhíogarnach lae ar éigin an uair a shéaluigh sé. Sin é an tráth ag an mbás i gcomhnuí — scaramhaint oíche agus lae. Teagann gaimh fhuaicht ann taca an trátha sin, agus scuabann sé leis an rud dona, má's duine nó beithidheach é /[Bhí muid ag iarraidh cur faoi ndeara dó fanacht go mbeadh díogarnach lae féin ann, ach ní raibh aon-mhaith a bheith leis. Ghread sé leis i lár an mheán-oiche. Ní thiubharfainn an tabhairt sin orm féin an tráth sin d'oíche ar a dtug tonn ar thráigh: Bóthar cho h-uaigneach agus a bhí le dhul aige-san. Dheamhan lá ariamh nach raibh cáil shidheamhail ar an mbóthar céadna. Ach ní bheadh seisean ach ag magadh faoi na rudaí sin]/ Bhí díogarnach bheag soluis aca aréir. Dheamhan solus ná léargus a facthas ann cheana leis an fhad seo / Chonnaic mé díogarnach sholuis isteach thríd shiuntaí na gcláir. Bhí a fhios agam annsin go raibh daoine ins an siopa. [Thosuigh mé ag bualadh agus ag cnagairt, ach dá mbeinn ag bualadh ó shoin ní bhfuighinn aon-áird. Cé'n bhrigh ach nach raibh mé thart d'fhuireasbhaidh deoch cho mór ariamh agus a bhí mé.

Ach dá dtuiteadh an teanga amach asam badh aon-chás amháin dom in a gcleith-eamhnas siúd é]/[Is fiú mhór é muise le h-ais na bliana anuiridh. Anuiridh ní raibh le fáil ag an duine ach leath-ghalún (: ola mhór) agus cá'id a ghabhfadh an méid sin. Ba ghearr le dhul leath-ghalúinín gágach. Bhíodh muid i dtuilleamuidhe na gcoinnle sin an uair a d'fhaghadh muid iad, ach mo chreach na coinnle! Dá mbeitheá annseo anuiridh chaithfeá a theacht le díogarnach bheag soluis, agus dá mbeadh sin féin agad, is tú a bheadh buidheach. Tá muid thar cíonn imbliana: dhá ghalún an teach. Is mór an subháilce an solus féin. Má tá easbaidh ann anois, ní easbaidh soluis é]/ An uair a chuaidh mé isteach ann trathnóna ní raibh solus ná léargus ann ach díogarnach bheag a bhí ar an teine, agus 'sé'n áit a raibh sé féin sínte ó chluais go rioball ar an stól agus é in a shrann chodlata. Bhí sé amuigh aríst aréir ag déanamh aois díobhthaill. Is diabhluidhe an tóir atá aige ar na mná — 'chuile lá ariamh. 'Siad na mná a ghiorróchas leis mara bhfuil ag Dia / Ní raibh gealach ar bith ann, ach bhí díogarnach bheag ar na réalta. [Is beag aca sin féin a bhí ann, mar bhíodh an-dubhchan ar an spéir scaithtí. Shíl mé 'chuile phuinte go dtiocfadh sé in a bháistigh ach dar fiadh d'fhan aige go breagh in a dhiaidh sin. Bhí sé ag tarraint ar an ceathair a chlog shul (dh)a bhí mé ins an mbaile]/ Níl aon-oíche ins an aer nach mbíonn díogarnach bheag de sholus dearg le feiceál thoir annsin thoir ins na gleannta. [Comhnuigheann sé ins an ngleann sin soir ar t'aghaidh nó go dtarraingidh duine air, agus an uair a tharraing-eochas tosóchaidh sé ag feithiú ó thuaidh ins an sliabh. Níl a fhios againn ó neamh céard a bhaineas dó. Ní solus ceart é. Solus sídhe eicínt. Anam eicínt a bhfuil anshógh air b'fhéidir, agus é ag cur a chuid peirfhiachaí dó (: de)]/ Níl ann ach díogarnach beag anála anois = tá sé ionann agus séaluighthe / Bhí díogarnach anála ann agus a chuisle ag bualadh ar éigin. 'Sé a raibh ann go bhféadfá a rádh go raibh sé dí-bheo. [Cuireadh fios ar an sagart ar an toirt, ach má cuireadh féin níor rug sé beo air. Chuir sé an ola air mar sin fhéin. Ba mhór an scéal é — buachaill breagh mar é. Dubhradh ag an gcuisle féin é. Thug an Cróinéar -a "an-character" air]/ Tá sé in athchur an anama anois. Níl ann ach go bhfuil díogarnach anála ann ar éigin — an duine bocht. [Má sháruigheann sé an oíche, 'sé a chloch-neart é. Beidh tórramh agaibh a scurachaí. Níorbh í ab fhearr linn dá mbeadh neart air, ach níl. Fuair an teach sin ar a mhéis féin é imbliana, ní dhá roint leo é]/ Nach maith a chuaidh mé as an

uair sin. Fritheadh caithte ar an mbóthar stromptha mé. Leag siad láimh ar mo chroidhe agus bhí sé ag bualadh ar éigin. Bhí díogarnach anála ionnam freisin, agus thosuigh siad do mo chuimilt. [Thug Dia do Sh. N. Ph. go raibh buidéal fuisce poitín aige — buidéal nar bearnuigheadh chor ar bith. Choinnigh siad liom é. Bhí glas ar mo bhéal ach d'oscail siad é, ar chaoi eicínt.
Léar (: de réir) mar a bhí siad ag coinneál an phoitín liom, thosuigh mothú ag teacht ionnam i leabaidh a chéile. Dar brigh an leabhair faoi cheann uair an chluig bhí mé in mo bhíthin óg aríst.]/ Cut! Ní mharbhóchadh súiste Oscair cut! Chonnaic mise cut dubh a bhí thíos againn féin cheana. Bhí sé ag marbhú éanacha. Dubhairt mo mháthair go ndéanaidh Dia grásta uirre é a chur faoi phota, [ach d'árduigh muid féin linn soir é ar an réidhteach i nGarrdha an Bh. Craipligh muid idtosach é i riocht agus nach bhféadfadh sé imeacht. Shaghd muid na mádraí annsin ann agus chaith siad uair dhá strachailt. Diabhal marbhú! Chuaidh muid féin annsin ag caitheamh leis — gruadháin mhóra mhillteacha — nó go raibh muid sáruighthe. Diabhal marbhú. D'áitigh orainn annsin dhá chiceáil mar bheadh "football" ann, ach diabhal marbhú. Ní fhaca mé aon-rud beo ariamh a fuair an oiread spídeamhlacht' leis, agus indiaidh an méid sin ar fad bhí díogar -nach anála ann. Dhá mbeadh aon-chiall againn 'sé a bháthadh a dheanfadh muid nó a chur faoi'n bpota, ach cá'r fhága tú an óige agus a chuid díocais. An bhfuil a fhios agad céard a rinne muid leis as a dheire: cupla feac láighe a fháil agus a bheith ag gabhailt air, nó nach raibh smeámh ann. Is minic a chuimnigh mé air ó shoin, agus a chuaidh sé thríom. Ní raibh scruball ar bith ionnainn agus an chaoi siúd a chur air]/ An gcluin tú an díogarnach torainn atá ag an mBannra (: carraig chois an chladaigh). Tuilleadh báistighe. Níor labhair an Bannra ariamh nar dhubhairt sé an fhírinne / Má tá díogarnach ar bith torainn ag an eas bí siúráilte go bhfuil triomach air, agus triomach fada. [Beidh sé in a thriomach anois go Samhain. Diabhal an fearr beirthe é. Is géar a theastuigh rud eicínt ó'n nglaicín mhóna siúd thuas agam. Cuirfidh an triomach seo anois bail eicínt uirre / Cloisim díogarnach torainn ag an bhfear seo thuas anocht, muran ag "caibiléaracht" aríst a bheadh sé. Mara gcruthuighidh sé níos fearr ná an "trip" deire, ní mórán slaicht a fhágfas sé indiaidh a láimhe / Tá díogarnach eicínt torainn thíos ins an bhF. Meastú ab iad na h-asail a bheadh istigh ann aríst. Má siad muis gheobhaidh siad froisín / Tá sé ag díogarnach torainn ins an áit sin thiar ar feadh na h-oíche. Is mór an tseanmóir é an ceann céadna. Níl oíche ins aer nach mbíonn sé ar cheird eicínt le muid a chur thar bharr a' (: ar) gcéille /

Díogha: ainm-fhocal; fireann; iolraidh — díoghannaí.

[Fuaim: fuaim mh in a dheire i gcomhnuí. Mar díomh — díomhannaí]

Díogha: an chuid is measa de rud, de dhaoine, d'earradh agus rl.; grifisc, brothtuinn; conuas; an chuid chuileáilte nó séanta; cotarsa "scoth" nó "sméar-mhullaigh"

"Díogha na coille an t-iubhar agus an fearnóg: Díogha na nDaoine Bean" = Is iad an t-iubhar agus an fearnóg an dá chrann a bhuaileas crainnte na coille ar fad le donacht. Ar an gcóir chéadna an uair a bhíos bean go dona, bíonn sí an-dona /

"Díogha gach síon sioc má's fuar,
Díogha gach coill feárnóg úr
Díogha gach beatha mil má's sean
Díogha gach díogha droch-bhean".

"An uair a bheadh mo spré-sa sluigthe séanta
A's na páistí ag géar-ghol gan aon-bhlas
Annsin adéarfainn, céad faraor géar
Go raibh mo phlé leat a dhíogha na bhfear" [As amhrán a rinneadh i Leitir Caladh, Conamara suas le cheithre fichid bhliain ó shoin]

Cé dhár díobh é! — ní de'n díogha é ach de thogha na bhfear = caint ghreamannach a bhíos scaithtí ag daoine an uair a fiafruighthear díobh cé dhár díobh thú (: é agus rl.); nathuidheacht é a bhaineas le díobh, díogha ó atá siad ar aon-fhuaim / 'Siad togha na bhfataí a bhí inGarrdha an Cladaigh anuiridh, adeir sí. Is beag dá cuid floscaí an chaint sin. Togha na bhfataí inGarrdha an Chladaigh! Ba mhinic leis. Ní fhaca muid ariamh ach an díogha ann / 'Sé an coirce scéin sin díogha an choirce. Níl de mhaith ann ach go gcuireann sé talamh amú /[An mhóin bhán sin, sin í díogha an phortaigh. Caithfidh muid í sin a choinneál duinn féin, agus an chloch-mhóin a dhíol. Ní dhrannfadh aon-fhear "lorry" le móin bháin mara indán agus go mbeadh sí an-fhliuch, agus go mbeadh sé ag iarraidh meadhchain a dhéanamh, rud a bhíos siad ag iarraidh a dhéan-amh scaithtí. Is cuma le cuid aca cé'n sórt conuas a chaithfeas tú aca. Dhá fhliche dá mbeidh sí, is amhlaidh is mó meadhchan í]/ Má tá tú ag iarraidh éisc ar foghnamh, ceannuigh trosc nó langa — iasc

mór eicínt. Maidir le na runnachaí agus na faidhtíní sin, níl ionnta ach an díogha. [Líonfaidís do bholg agus is ánnlann iad, mara mbeidh bealtuidheacht ar bith eile agad, ach má bhíonn, níl tú ach ag cur do ghoile amú len a dhul dhá n-ithe]/ Nach seafóideach an duinín thú. Is agad atá an ghna ag margadh, bail ó Dhia agus ó Mhuire ort. An uair adubhairt seisean gurb iad an díogha iad, chreid tusa é, is cosamhail. D'eile céard adéarfadh sé. Nach ag iarraidh a gcur anuas ar an bpighinn is saoire a bhí seisean, ó 'bhí sé dhá gceannacht. 'Séard a bhí agadsa a dhéanamh an uair sin toisighe dhá dtaidhbhsiú. Breagh nar dhubhairt tú nar dhíogha ar bith iad ach an scoth. Leig tú uait ar leath a luach' iad ar chóir ar bith! / Ná bac leis an nglagaire sin. 'Chuile shórt dhá mbeidh aige sin, is é an séar-mhullaigh é. An síol coirce a bhí aige anuiridh bhí sé molta go h-aer ag 'chuile dhuine, ach indeire na cúise ní raibh ann ach an díogha. Tá 'fhios aghamsa é. Cheannuigh mé céad dhe, agus an méid nar loic, rinne sé coirce scéin. An uair a bhí muid dhá bhualadh bhí sé in a ghath dubháin as éadan. / Na caoirigh gallda sin, 'siad díogha na gcaorach iad. Deirimse leatsa gurb iad. Níl galra amuigh nach bhfuil dhá mbualadh. Bhí trí cinn aca agam annsin thuas an bhliain cheana, agus bhí cam orra an uair nach raibh sé ar aon-chaora ins an tír. Nach bhfuil a fhios agadsa marach gur droch-chaoirigh iad go mbeidís taithighthe ar an áit faoi seo, ach dheamhan taithighe ná cuid de thaithighe / Má tá tú ag iarraidh díogha na talmhana a fheiceál ná fág amach an áit a bhfuil tú. Teirigh suas ins na breaclachaí agus ins na diomallachaí atá thuas annsin i mB. an Ghl., agus gan garrdha as 'chuile dheich gcinn iontsaothruighthe. Tá caitheamh agus cáineadh ar na sléibhte, ach mise i mbannaí dhuit, má chaitheann tú an oiread anró agus easonóra leis an sliabh agus a caithtear lena clochair atá thart annseo, go mbeadh rud eicínt de bharr do shaothair agad. [An-talamh é an sliabh sin suas, má fhaghann sé giollaidheacht cheart. Ach an talamh atá thart annseo, tá sé ídighthe — spíonta ag feamuinn chladaigh. Nach bhfuil an leac leis ins 'chuile áit ann]/[Maidir leis an mbarr cladaigh (: feamuinn) níl innte ach an díogha, mara gcuirteá ar mang-ols í go díreach, nó ar thalamh so-leasuighthe. Is beag a bhaintear thart annseo chor ar bith anois í. / 'Siad na síolta Gaillimheacha an díoghadh ceart. Cheannuigh muid anuiridh iad, ach loic siad as éadan. Ba dona go deo a chruthuigh siad. Níor tháinig siad chor ar bith. Dhá mbeadh aon-teacht aniar ionnta thiocfaidís. Ar aon-chor tá siad ag breacadh ar fad i mbliana]/ Níl tada le

fáil anois ó thosuigh an cogadh seo ach an díogha críochnuighthe. Tá plúr ag teacht anois, agus ní earradh ar bith é. Duine ar bith dá bhfuil dhá chaitheamh tá sé tolgtha. Ní taise leis an "gcoffee" bradach sin é. Sin dearg-nimh ar chaoi ar bith, hébrí céard a dhéanfas tada eile. Diabhal duine atá dhá chaitheamh sin an fearrde é é, ar chaoi ar bith /[Má's ag tóruigheacht an díogha atá tú ceannuigh "Kerry Blues". Déarfá nach bhfuil mórán gaisce ar na "Weights", ach is fiú ór iad len a ais siúd. Dhóighfidís an carbad ionnad, agus ní bheitheá seachtain dá gcaitheamh go mbeadh criotán ort. Níor airigh mé aon-phuth casachta ariamh gur thosuigh mé dhá gcaitheamh. Ach cé'n neart atá ag duine air. Is díon déirce le duine cineál ar bith a fháil anois. Bím thart cheal gail scaithtí, agus tá anam duine orm an uair a bhím ar an gcaoi sin]/ D'fhéadfá sin a rádh. 'Siad an díoghadh dhá ríre iad. An té atá igcleitheamhnas na "gclags" sin, b'fhearr dó imeacht cosnochtuighthe. Dá n-imigheadh duine ins na buinn, is gearr go mbeadh sé taithighthe air. [An bhfeiceann tú na daoine a bhí annseo fadó. Fear sé nó seachráin a mbíodh bróig ar bith air, agus nach aca a bhíodh an tsláinte. Is beag na scoilteachaí a bhíodh dhá gcraipliú, ní hé fearacht an dream atá anois ann é]/ Ní raibh tusa i Sasana ach bhí mise, agus tá a fhios agam céard atá mé ag rádh. D'oibrigh mise idteannta na Sasanaigh. 'Siad díogha 'chuile dhíogha iad. Chonnaic mé Albanaigh, agus Breathnaigh — "Welsh" — agus "Highlanders", agus bhí puinte gnaoidheamlacht' is 'chuile dhuine aca cé's moite de'n tSasanach. Cleiteachán ceart a bhí annsin 'is 'chuile áit dhá bhfaca mise é]/ Díogha na ndíogha atá timcheall na mbólaí sin … Níl aonduine aca le baint as margadh ach an oiread le chéile. Cuid de'n muic an drioball / An uair a theigheas bocht go nocht teigheann sé go gabhail éadan. Is sean-fhocal é. Ó d'eirigh duine de'n díogha sin as an lathach, eir-eochaidh siad i mullach na tíre. [Sin é an chaoi a mbíonn a leithidí sin i gcomhnuí. 'Sé an té nar cleacht tada ariamh is mó a mbíonn gailimaisidheacht aige, má eirigheann sé a dhath ar bith ins an saoghal.]/ Beannacht Dé dhuit, ní díogha go dtí iad. Dream ar bith a thosuigh ag dul siar i mbéal an té a chuir a n-athair de'n tsaoghal, is daoine gan spioraid iad. [Agus tá siad ag beannú aríst do'n dream ba cionntaighe le a ndeirbhshiúr a chur ó chrích. Dhá mbeinnse in a mbróga, bheinn ar siubhal go deo agus go bráth go n-eirigheadh liom mo shásamh a bhaint as cuid ar a chéile aca]/ Ní fheiceann muide brothtuinn ar bith ins an tír mar na D. Ní call gaisce ar bith dóibh sin. Díogha na ndaoine. 'Ar ndóigh ní raibh de leas-ainm orra sin ariamh thart annseo ach D. an bhacstaí. Ní raibh tada eile aca go dtí le goirid fhéin, ach an bacstaí. 'Sa saoghal a thainig sé go bhfuil tighthe móra aca anois. Tá na caisleáin ag tuitim agus na carn aoileachaí ag eirghe

a stór / Má's isteach annsin atá sé ag dul faoi dheire thiar, dar fiadh tá sé ag dul ag greamú do'n díogha ceart. Dá mbeadh sórt meas ar bith aige air fhéin, ní thaobhóchadh sé iad sin — cineál na bhfaochan agus na ngliomaigh. Nach diabhaltaí mór an dallach dubh a bhíos ar dhaoine thar a chéile. B'fhurasta dhó sin a dhíol de bhean a fháil in a rogha áit ins an tír, thar agus a dhul go dtí an staiceallach mí-chuíbheamhail sin … Ní mise atá dhá rádh léithe. 'Sé ráidhte 'chuile dhuine é /[Is mór is fiú dhuit a bheith dealuighthe amach uiliog ó dhíogha na L. Sin iad an t-uisce faoi thalamh. Is leat uiliog iad an uair a bhéas tú ag caint leo, ach cho luath agus a ionntóchas tú do dhruim, tosóchaidh siad ag ithe agus ag gearradh ort. Sin é a mbéasa. Bhídís ag coir-eamhaint ortsa freisin. B'fhéidir nar chuala tú féin é, ach chuala tuille é. Is maith a rinne tú é agus a bhfágáil annsin]/ Ara ní chuireann siad tada ins na h-áiteachaí seo, ach díogha na máistirí scoile. D'eile. Céard atá a fhios ag na daoine le cur in a n-aghaidh. Nach féidir scramachán ar bith a chaitheamh isteach againne annseo, agus cé a bhrathfas é /[Diabhal a leithide d'fhéar — díogha críochnuighthe. Thosuigh sé ag téidheamh ar an dá luath agus a raibh sé coctha istigh ins an iothlainn agam. Ní leagfadh bó ná gamhain béal air: bhí sé breoidhte ar fad. Ná bac leis an bhféar a bhíos ar na h-iochtair láidre sin. Bíonn sé ro-stalcánta ag rud ar bith]/ Mo chreach mhaidne ghéar! Thú féin agus do chuid móin Achréidh. Ní fiú cnaipe gan chos í ar ghualainn na móna atá annseo. Nach sceitteann sí as éadan. Agus is luath ar fad í: a caitheamh síos agus 'sé a bhfuil innte an lasair sin. An méid a chonnaic mise de mhóin an Achréidh, díogha amach agus amach í. Sin anois teine bhreagh in a craiceann an teine sin agamsa. Baineadh an cailín sin in áit a bhfuil móin. / Níl an deoruidhe féin aige annsin ach duine a fuinneadh agus a fáisceadh amach as an díogha. Tá a chomhairthidheacht len a chois. An oíche ar chuir muintir Ch. na R. achrann annsin thiar air, bhí claimhe de'n dream sin in éindigh leis. [Céard a rinne siad. Baint as ar fad agus a fhágáil annsin go marbhóchadh muintir Ch. na R. é marach gur casadh mac Sh. Bh. agus cuid de mhuintir an Bh. L. ann. Chuir siad sin siubhal ag imeacht aca. 'Siad a bhí deas air. Dar príosta muise níor chumaoin dóib J. a shábháil ach oiread. An uair a bhí deis aige leas a dhéanamh dhóib, is mó a chuir sé as ná ann dóibh]/ Cheannuigh sé buta síol coirce indiu agus ní de'n díogha é ach oiread = is coirce maith é; 'sé togha an choirce é /

An poitín a bhí ag J. Sh. 'chuile lá ariamh, níor de'n díogha é. Is beag is ionann é féin agus cuid Mh. Th. Gheobhfá blas an phota ar chuid Mh., ach dheamhan a dhath a dhéanfadh fuisce J. ort dá n-olthá iarraidh dhe, th'éis cho bríoghmhar agus a bhíos sé. Sin é a thiubharfadh le fios duitse go mbadh togha earradh é /[Fuair mé "fags" agus ní de'n díogha a bhfuair mé ach oiread. Breathnuigh orra sin. Togha an "Gold Hake" amach thar chunntar T. J. Dubhairt mé leis nach nglacfainn "na Punncánaigh"; go raibh siad ro-dhaor, agus ar aon-chor nach raibh siad ag taithneachtáil liom. Chuir sé a láimh isteach faoi'n gcunntar. "'Sé an bosca deireannach déigheannach é" adeir sé. "Tá mé dom' fholmhughadh féin. Ná caintigh le aonduine gur uaimse a fuair tú iad, nó sceannfadh ar eitigh mé ó thrathnóna mé."]/ Deir tú nach de'n díogha iad. Ní theagaim leat. Ní fonn atá orm a lochtú, ach feicthear dhom nach thairis sin de ghaisce atá orra chor ar bith. Ná bac thusa choidhchin le bróig ar bith a bhfeicfidh tú an bonn scartha innte mar sin. Caith idtraipisí í ar an toirt. /[Dar príosta muis ní de'n díogha an Ghaedhilge atá aige, pé'r bith cá bhfuair sé í. 'Sí atá go blasta aige: Gaedhilge na tíre seo. Ní chreidfinn go mbadh thar tír isteach chor ar bith é marach gur innis sé dhom gur rugadh agus gur tóigeadh thart síos é. Ach tá sí tóigthe anois aca ins na scoileanna agus ins na coláistí, cho maith agus atá sí againn féin]/ Mise i mbannaí muis nach de'n díogha an cupán tae a bhí sí a ól. Bhí sé cho buidhe le ór agus shnámhfadh an spúnóg ann, bhí sé cho láidir sin. Ba bheag ab ionann é agus an scudalach tae agus "coffee" a bhíos againne. Tá sí siúd ag fáil tae as éadan as Sasana. 'Deile cé as a bhfuigheadh sí é /[Ní de'n díogha an dream sin chor ar bith ach de thogha na ndaoine: cineál Th. Mh. nachar fhéad aon-duine ariamh a dhul ag ithe ná gearradh orra. Níor dhúin siad a súil ariamh ar bhaintreabhach, ná ar dhílleachta, ná ar fhear an anshógha. Is mór a bheadh le fán ins an saoghal a chuaidh thart mharach iad sin. Tá a fhios agad nachar eitigh T. M. aon-duine ariamh faoi'n rud a bheadh aige / Ní fhaca tú a leithide de ghaineamh ariamh. De'n díogha ceart é. Má's leis é siúd a chur in a theach, is teach gan rath a bhéas aige. Níl an gaineamh siúd feilteach do thada / Ní fhaca tusa a chuid talmhana chor ar bith. Dhá bhfeictheá déarfá nach de'n díogha é. Féadfaidh sé céad caorach a thógáil air i gcaitheamh na bliana i dteannta 'chaon tsórt eile. Is air nach bhfuil an chlóic]/ A roghain do'n bhodach agus tóigfidh sé an díogha = tabhair a roghain do'n bhodach agus tóigfidh sé an díogha = má fhaghann an duine daoitheamhuil breith a bhéil féin, 'sé an rud is measa a thóigfeas sé

i gcomhnuí / Chonnaic tú annsin thiar é Mac Mh. Ch. Bean ar bith a shamhlóchadh an t-athair leis, ní raibh aon-mhaith innte. Bhí mná maithe faighte aige dhó, ach ní bhreathnóchadh sé ins an taobh a mbeidís. Annsin dubhairt an t-athair leis a dhul agus bean a fháil é féin. Chuaidh. Inghean T. Sh. sliseog chaithte chaillte, nach raibh cianóg ruadh ar a faghaltas. Reic sí an tsean-bhean a bhí ins an teach. Níor fhága sí nidh dhar dhealbh an ghrian istigh faoi chaolachaí an tighe nar árduigh sí soir abhaile. Sin é an fear a rinne an droch-phósadh. Ach ar chuala tú ariamh é: Tabhair a roghain do'n bhodach agus tóigfidh sé an díogha /[Ar chuala tú ariamh an uair a thug an C. Peadar Th. — sean-athair P. P. anois — annseo gur thug sé roghain dó ar cheithre ghabhaltas: gabhaltas J. Th. ar an mbaile seo, gabhaltas F. Ch. ar an gC. Dh. nó gabhaltas Mh. Mh. 'Sé gabhaltas J. C. a thóig sé. Sin é an fear a raibh an smál air, agus an mhaith a bhí ag ceachtar de'n phéire eile ar an ngabhaltas sin. 'Ar ndú níl ins an áit a thóig sé ach driseachaí agus clochair. Níl acra talamh cuir ag gabhail leis. Ach sin é é. Tabhair roghain do'n bhodach agus tóigfidh sé an díogha]/[Bhí mise istigh in éindigh leis dhá cheannacht. Leag fear an tsiopa anuas cheithre ghiota agus thug sé roghain duinn orra. Aon-phradhas amháin uiliog a bhí siad. Dubhairt sé go mbadh é an t-éadach buidhe ab fhearr a mbeadh caitheamh ann. Bhí sé an-chruadh, agus ní raibh aon-chosamhlacht air go dtréigfeadh sé. Ach ní raibh rud ar bith ag marbhú mo dhuine ach an ghalántacht. Cheannuigh sé an leamháinín scanruighthe donn siúd, agus an chéad mhúr báistighe a gheobhfas sé ní bheidh falach dó nach mbeidh tréigthe anuas dhá chraiceann. Mar adeireadh P. N.: tabhair a roghain do'n bhodach agus tóigfidh sé an díogha. Is cuma leis é ach an chosamhlacht a bheith ann. / Dubhairt sí leat ceann ar bith a thogair tú a thabhairt leat, agus d'fhága tú an langa agus an trosc in do dhiaidh, agus chroch tú leat an faidhtín! Diabhal bréag nach h-ait an soláthruidhe thú. Ó chuala mise ariamh é: tabhair roghain do'n bhodach agus tóigfidh sé an díogha. Sin é a fhearacht agad-sa anois é. / Is cumasach an duine thú. D'fhága tú fataí agus feoil agus bláthach in do dhiaidh, agus chuaidh tú ag ól an "choffee" bhrocaigh sin agus an aráin. Tabhair roghain do'n bhodach 'ar ndú', agus tóigfidh sé an díogha. Is beag an dochar duit a bheith snuighte caithte féin, agus gan de chothú agad ach é sin.]/ Roghain an dá dhíogha = an uair nach mbeadh ann ach dhá dhroch-rud, an rud is fhearr díobh a thoghadh; gan aon-roghain a bheith agad an uair a bheadh dhá rud comh-dhona; mara chéile an ballséire agus a ghiolla; an uair a chaithfeas duine treabhadh nó tiomáint a dhéanamh, 'sé an cás céadna dhó ce aca de dhá dhroch-rud a ndéanfaidh sé roghain air. / Inghean Sh. Mh., agus inghean T. Ph. roghain an dhá dhíogha gan dabht ar bith / A dhul ag baint mhóna don "Chouncil", nó a dhul ag obair ar bhóithrí — sin roghain an dá dhíogha go siúráilte. Ní ghabhfaidh mise ar cheachtar aca. Sílim go mbuailfidh mé

anonn go Sasana, áit a bhfuil páighe mhaith agus gan buille ar bith / Sin é anois a bhfuil agam — roghain an dá dhíogha. Ach ó a chaithfeas mé treabhadh nó tiomáint a dhéanamh, tá sé cho maith dhom an ceann seo a thógáil. Ní mó ná go fiú dhom a thabhairt abhaile, ach mar sin féin, b'fhéidir go mbainfinn mo ghaisneas as /[Is mise atá idteannta ceart anois, agus gan agam ach roghain an dhá dhíogha: é a chaitheamh amach nó a fhágáil istigh. Má chaithim amach é beidh sé ag strócadh ag iarraidh airgid, agus má theigheann sé ins an gceann sin leis, bainfidh sé amach é. Agus má fhágaim istigh é, caithfidh mé féin imeacht, mar ní bheadh a sheasamh agam leis. Tá mé ithte liobruighthe aige mar tá mé / Is deas an chaoi atá air anois, agus é taobh le roghain an dhá dhíogha: an talamh a dhíol agus imeacht, nó an talamh a thabhairt do J. in ómós na bhfiacha atá amuigh aige air. Tuilleadh géar do'n diabhal aige ó a chaithfeas mé a rádh leis! Bhí slí agus seifte aige annsin, agus tháinig an oiread aige ó'n dream a bhí i Sasana le trí bliana agus a d'íocfadh a raibh amuigh ar an mbaile. Ach b'fhearr leis ag imeacht dhá ól, agus ag "gobaireacht" má b'fhíor dó féin. Badh shin í an gobaireacht eile muis. 'Chuile shórt dhá raibh sé a cheannacht dhá bhánú. Nach bhfaca mé é ag díol dhá bhulán annsin thoir imbliana a cheannuigh sé an t-aonach roimhe sin, agus bhí sé deich scilleacha an ceann briste ionnta. Cé'n chaoi a bhféadfadh fear de'n tsórt sin cúis ar bith a dhéanamh!]/ Indomhnach níl ann anois ach roghain an dá dhíogha: í a dhíol ar bheagán, nó í a fhágáil annsiúd go ndéanfaidh sí deannach ins na cruacha. 'Sé an áit siar a shaoirsigh móin. Tá siad dhá fáil ann ar bhreith a mbéil féin. Dá mbeadh na daoine gan a dhul ar páighe chor ar bith ag an "nGovernment" ach a gcuid mhóna féin a bhaint, agus iad uilig a theacht suas annsin ar aon-phradhas amháin, tá mise ag rádh leat, go mbeadh móin in a h-ór. Ach fagh thusa an dream a dhéanfas é sin. Gheobhair muis! / D'eirigh mé as an "dole" ar fad. Nach raibh sé cho maith dhom, ar scáth a raibh mé a fháil. Ní raibh agam ach roghain an dá dhíogha ar aon-chor: a dhul amach ag obair i lár mo chruadhóige; sin nó é a chailleadh. Ba deacair do shean-duine bocht mar mise a dhul trí mhíle bealaigh ag obair ar bóithrí maidin agus trathnóna. Is dona atá mé indon a dhul chuig an ngarrdha féin feasta choidhchin /

Díle: ainm-fhocal; buineann: iolraidh = díltí, dílí.

Díle: An Forlach mór a chuaidh thar an domhan aimsear Noa; tuile liaga; an lear-báistighe nó uisce; an-lear de rud ar bith; iomadamhlacht.

[Ní thagann aon-chlaochlódh tuisil air ach go h-annamh. Deirtear díleann geineamhnach amannta, ach níl dílinn tabharthach ann].

Ar chuala tú ariamh faoi'n uair a ndeacha an Díle thar an Domhan = deirtear igcomhnuí go ndeacha an Díle thar an Domhan aimsir Noa /[Báitheadh an saoghal an uair a chuaidh an Díle thar an Domhan. Deir siad gur dóigheadh é uair eile. Is dóigh gurb é a phlúchadh a dhéanfar an chéad "turn" eile]/ Chuaidh an díle thar an Domhan agus chuir Dia an bogha báistighe ins an aer le innseacht do na daoine nach mbáithfeadh sé aríst go deo é / Fadó, an uair a chuaidh an Díle thar an Domhan, níor tháinic as ach Noa, a bhean, a thriúr mac, a thriúr inghean agus a gcuid fear. Chuaidh siad isteach ins an Áirc agus sin é a thug beo iad. An uair a shíl Noa go mba cheart do'n tuile a bheith traoithte, chuir sé amach an fiach dubh le scéala a thabhairt isteach aige. Níor tháinig an fiach ar ais len a scéal féin ná le scéal aon-duine eile. D'fhan sé imbun an chasam air. Sin é teachtaire an fiadha ó'n Áirc agad /[An uair a bhí an Díle ag dul thar an Domhan adeir siad, chaith sé dhá fichead lá ag báisteach gan aithdeal ar bith, agus bhí dhá fichead galún is 'chuile braon di. Ní raibh a dhath féin de'n domhan leis — oiread agus méid leith-phighne féin]/ Is fadó ó a chuaidh an Díle thar an Domhan. Chreidim gur i dtús an tsaoghail é. Lá Fheil San Swith a thosuigh sé. Tá an gheis sin ar an lá sin ó shoin, má bhíonn sé fliuch an lá sin go mbeidh sé fliuch go ceann dá fhichead lá in a dhiaidh. Tabhair faoi deara bliain ar bith é. Cuirfidh mé geall leat go bhfuil an fhírinne agam. Ná creid thusa ó fhear ar bith nach mbeidh / "Fionntán Fáidh nar báitheadh ins an Díle" = deirtear nar báitheadh Fionntan ins an Dílinn / Tá sé sin cho sean le Fionntán Fáidh nar báitheadh ins an Díle = an-tsean; aois chapall na muintire / Tá an scoirbín siúd ariamh ann.

Tá aois Fhionntán Fáidh aige, nar báitheadh ins an Díle. /[Is cú-aois (: comhaois) é sin le Fionntán Fáidh nar báitheadh ins an Díle. Ní fhaca aon-duine annseo ariamh óg é / Dhá mbeitheá cho sean anois le Fionntán Fáidh nar báitheadh ins an Díle, ní bhfuighidh tú aon-phinsean mara bhfuil t'aois agad. Agus is mór annseo nach bhfuil aon-pháipéar aca ar a n-aois, ná nach bhfuil indon aon-pháipéar a fháil ach oiread. Cuireadh amú a raibh d'aoiseannaí ins an séipéal sin thoir / Tá sean-fhear

eile ann nach bhfaca mise ariamh ach aon-uair amháin, agus is sine é ná Fionntán Fáidh nar báitheadh ins an Díle. Chonnaic mé ag teacht anuas an sean-bhoithrín taobh thiar annsiúd é, agus ualach móna ar asal aige. Is beag a chorruigheas sé amach chor ar bith sílim. Níl aon-ghus 'e rath ann. / 'Sí M. Ph. is sine ins an tír seo anois. Tá bliain nó dhó aice ar Fhionntán Fáidh nar báitheadh ins an Díle sílim! / Dá mbeitheá-sa ann le linn Fhionntán Fáidh nar báitheadh ins an Díle bheadh a fhios agad é sin. Níl aon-mhaith dhuit dhá fhiafruighe dhíomsa. Ní raibh mise ann len a linn. Dia a shábháil é, 'chreidim. Cé eile a d'fhéadfadh a shábháil? / Sean-fheairín beag cromta coiligneach a bhí ann. Ba gheall le Fionntán Fáidh é nar báitheadh ins an Díle, bhí féasóig cho fada cho liath sin air. Níor chuir mé chuige ná uaidh, ach chonnaic mé ag scaimhléaracht ar ghasúir annsiúd é, agus déarfainn go mba francuighthe an peata é deich mbliana agus trí fichid ó shoin]/ Shíl mé go dtiocfadh an Díle thar an Domhan len a raibh sé a chaitheamh de bháistigh = bhí an-bháisteach ann / Bhí sé ag caitheamh sceana gréasuidhe agus an barr-géar díobh anuas, ar feadh na h-oíche. Sceith an sruthán isteach ar an tsráid, agus isteach ins an teach. Shíl mé go dtiocfadh an Díle thar an Domhan / Tá an lá indiu ins an gclaidhe aríst, ní ag ceasacht ar Dhia é. 'Chuile lá anois ag baint fearr a's barr dá chéile. Gabhfaidh an Díle thar an Domhan mara bhfuil ag Dia / Dhá dteigheadh an Díle thar an Domhan — sábhálaidh Dia sinn — bheadh teas an aithne in a thóin siúd ag dul amach! Ní choinneochaidh rud ar bith istigh é sin, nó go mbuailidh an donacht in éindigh é. An uair sin, feicfidh tú féin air, dá antlásaighe dá bhfuil sé ag an obair, go bhfanfaidh sé istigh. / Is síorruidhe an mhí bháistighe í. Tá forloch ins chuile áit. Má mhaireann dó ar an gcaoi seo tiocfaidh an Díle thar an Domhan. Ní fhaca mé a leithide de bháisteach ó bhliadhain an bhrosna / Tá a fhios agad go maith go mba deannachtach an ráig í, agus go raibh mé ag breathnú amach ar an turloch siúd agus na gasúir ag bualadh báire ann ar maidin. Trathnóna tháinic muintir Ch. anall thar an abhainn go dtí béal an doruis, ins an teach a raibh mé, imbád. Shíl mé go dtiocfadh an Díle thar an Domhan bhí sé cho dona … Síleann tú gur ag cumadh atá mé. Dar mo choinsias muis ní h-eadh. Sin í lom-chlár na fírinne duit, cho maith agus dhá gcloistheá amach ó bhéal an tsagairt é. [Fiafruigh de J. Mc G. é, an chéad uair eile a thiocfas sé ar cuairt / Dheamhan aithdeal ná aithdeal ná cosamhlacht ar bith air. Tá ceann-faoi ar an lá ar fad. Má sheasann sí ar an táirm

sin, gabhfaidh an Díle thar an Domhan ach grásta Dé. Is furasta aithinte. Bíonn an Aoine in aghaidh na seachtaine i gcomhnuí. /[Dhá bhfeictheá an tuile ag eirghe ins an abhainn siúd agus ag sceith síos ar fud an bhaile mhóir agus tighthe dhá mbánú, déarfá leat fhéin go raibh an Díle ag dul thar an Domhan aríst. Ní thiubharfá samhail ar bith dhi ach é … Dar brigh an leabhair, bhí 'chuile dhuine ag imeacht as na tighthe, agus ag crapadh leo an méid a d'fhéad siad de'n troscán. / Cé'n chaint sin ort faoi'n Díle a dhul thar an Domhan. Ní ghabhfaidh an Díle thar an Domhan go deo aríst. Nar gheall Dia do Noa nach dtiocfadh. Sin é an fáth ar chuir sé an bogha báistighe ins an spéir. Cheal nar chuala tú ariamh é sin. Is mór nar chuala tú muis.]/ Tá sé sin ann ó'n Díle = tá sé an-tsean; tá aois mhór aige / Mo chreach muise a mbainfidh mise d'fhéar leis an miodaichín speile sin atá ann ó'n Díle. B'fhéidir dhá bhfaighteá speal nua dhom go mbeinn indon foghail eicínt a dhéanamh air … [Má tá spealta cho gann sin bainighidh le corráin é. 'Bhfuil fhios aghad cá bhfaca mé fear ag sáthadh speile isteach i móta: thíos ar an E. Mh. Mara bhfuil aon-drugal ort, gabhfamuid síos anocht, agus goidfeamuid í: síos treasna. Is beag an bhrigh é: naoi nó deich de mhílte]/ Tá sé in am aige a bheith caithte mar dheimheas. Tá sé ann ó'n díle. P. céad slán dó atá i Meiriocá, a cheannuigh idtosach é. 'Sé a bhearr a raibh de chaoirigh ar an mbaile ariamh /[Tá an roillig sin ann ó'n Díle. Bhí na naoimh innte sin. Tá cuid aca curtha innte. Thoir ins an áit a bhfuil na driseacha agus na neanntógaí anois, tá sean-leacrachaí. Annsin atá siad curtha / Ná ceannuigh aon-ghreim de'n fheoil sin a thug tú leat an lá faoi dheire. Tá sí saillte ó'n Díle]/

"Troscadh a rinne mé Dé h-Aoine
Bhí fuighleach éisc agham 'mo dhiaidh ar clár —
Go mbadh sean-iasc lobhtha é a bhí saillte ó'n Díle
Agus é faoi shaltpetie ó bhun go barr" [As amhrán: "Seán Ó Maonaigh"]

/ Tá sé sin caillte ó'n Díle. 'Sé mo ghear-chuimhne-sa P. a dhearbhráthair a fheiceál beo agus sílim go raibh seisean básuighthe le fada na mblianta roimhe. /[Ara cé'n donacht sin ort! Tá an diabhal sin meath-thinn mar sin ó'n Díle, agus is beag an chlóic air in a dheidh sin. Dheamhan a dhath. Ag dul 'un aois na h-óige atá sé, seadh sin. / Fuair mise mo sháith de'n áit cheana. Chuaidh muid isteach ag ithe béilí ann lá. Dhá bhfeictheá an-scudalach de tae a thug sí dhuinn — níor baisteadh ariamh é. Agus an builín a fuair muid, bhí sé ceannuighthe ó'n

ó'n Díle / Sean-teach ó'n Díle é = tá sé an-tsean.]/ Sean-ghnás ó'n díle na crasógaí a chur suas Oíche Fheil' Brighde. Níor cheart daoibh eirghe as anois. Ní pirseogaí ar bith na crasógaí, ní hé a fhearacht sin ag na gaidíní Bealtaine é. Ach is mór atá an saoghal ag athrú is mór sin /[Bhí sé in am aca scoil nua a dhéanamh ann. Sean-scoil ó'n Díle an ceann atá ann cheana. Ní fhaca aonduine annseo ariamh dhá dhéanamh í, ná an líne rómpa ach an oiread déarfainn / Sean-treibh ó'n Díle iad na C. annseo, ní h-ionann agus a chine-seisean — cine faoi chopóig. Chuala mise cur síos ag S. Ph. Sh. ar an dream sin ar fad. / Níl aon-ghoir aige a bheith cho sean leis an mbóthar thoir. Sin sean-bhóthar ó'n Díle críochnuighthe. Is minic a chloisinn J. ag rádh go raibh an bóthar thoir déanta roimh bóthar an Rí, agus nach raibh an uair sin an taobh seo d'abhainn ach dhá theach / Sin sean-scéal ó'n Díle: "an Síoguidhe Ruadh Ó Domhnaill". Is minic a chuala mé ag P. Mh. Mh. é — go ndéanaidh Dia maith ar a anam. Ní fhaca tusa ariamh é. Ba bhreagh uaidh scéal a innseacht, agus cé'n bhrigh ach chuirfeadh sé na cuacha chodladh ag gabhail fhuinn]/ Is gearr an tobar i bhfus déanta chor ar bith: ó a rinneadh tigh J. ach tobar Ch. Sin sean-tobar ó'n Díle. Bhí tobar beannuighthe ins an ngarrdha gleannach ó dheas, agus dhúin sé suas ar fad in áit a ndeacha bean — bean de na D. í — ag nigheachán éadaigh ann Satharn amháin. Nach gann a chuaidh an saoghal uirre go gcaithfeadh sí a dhul dhá dhéanamh sin. Baislín broghach an tSathairn arsa tusa]/ Ní fheicfidh tú aríst é go deo na díle = go deo na díleann = go deo dearg na díle = go lá an Bhrátha = go sleibhe / Go deo na díle aríst ní thaobhóchaidh mise an áit sin. Ní beag dhom a bhfaca mé dhi. Fhobair sí éalang a fhágáil orm / Ní thiocfaidh sé abhaile aríst go deo dearg na Díle. Ó 'dhealuigh sé uatha chor ar bith, is fada amach a fhanóchas sé uatha feasta /[Go deo na Díle aríst ní fheicfidh tú aon-chogadh th'éis an chinn seo. Beidh siad thrín a chéile cho sáthach de chogadh feasta agus gur luar (: lughar) le 'chuile dhream an diabhal, ná é a tharraingt. Ba sheo é an cogadh is measa a tháinig fós. 'Sé an fear a bhí ins an mbaile ar an teallach is measa a shaothruigh an cogadh seo. Roimhe seo ní bhíodh dhá fháil faoi na foraí ach an saighdiúr bocht a bhíodh ar aghaidh na bpiléar. / Go deo dearg na Díle aríst mar adeir S. T. ní ólfaidh mise aon-deoir phórtair ins an áit ar ól mé aréir é. Ba gheall le blas gallaoireach a bhí air. Cé'n bhrigh ach an phóit ó mhaidin! Tá snaoidhm ar mo phutógaí, agus mo phiobán in a fhuirnís. Dearg-nimh atá aige / Go deo na Díle ní fheicfidh aon-duine mise aríst abuil sé, th'éis an bhall odhair sin a dhéanamh díom]/

"Dhá mbeadh sé ag cur na díleann agus an sneachta a bheith dhá chárnadh adtuaidh agus le mo ghrádh dhá bhfaghainn cead síneadh, bheinn cho h-aoibhinn leis an eala ar cuan" [As amhrán — "a Landlady na Páirte"]

ag cur na díleann = ag báisteach go h-an-trom; ag clascairt

bháistighe / Bhí sé ag cur na díleann aréir an uair a bhí mé ag dul abhaile / Caithfidh sé díle bháistighe anocht. D'aithneochainn ar an spéir é. 'Bhfeiceann tú na gadhair dhubha sin thiar as cionn Árann? / Chreidim gur chaith sé díle bháistighe aréir. Níor airigh mé chor ar bith í. Bhí mé in mo shrainn chodlata an uair a thosuigh sé, agus níor airigh mé tada gur dúis-igheadh mé ar maidin /[Má ghníonn sé díle bháistighe anocht agus tá sé féin agus a chosamhlacht in aghaidh a chéile nó déanfaidh, beidh an ghlaicín fhéir sin in a chiseach. Nach bhfuil sé cho maith dhuinn é a bhualadh ar a chéile. Ní bheidh muid ala an chluig leis, má tá sé deireannach orainn féin]/ Tá an Díle ar an spéir sin thiar. Is furasta aithinte uirre é. Agus 'sé bun na gaoithe é freisin. / Cuirfidh sé díle dhi anois ó a thosuigh sé chor ar bith. Má chuireann féin dheamhan mórán údar casaoid' ag na daoine. Thug sé píosa maith go breagh uaidh / Tá na dílte ag tuitim anois = go leor báistighe / 'Siad na dílte seo a fhágfas an t-arbhar réidh. Bhí sé ar a leath-ghlúin cheana ach sínfidh sé ar fad anois. Cé'n bhrigh ach má theagann stolladh gaoithe. Sin é a dhéanfas a chreach ar fad /['Siad na dílte báistighe sin a chaith sé imbéal an Fhoghmhair anuiridh, a d'fhága an mhóin gan tógáil. An méid di a bhí in a scaradh fágadh mar sin í, agus cuid mhaith de'n mhóin a bhí leath-triomuighthe féin d'fhan sí in a h-aoileach ar na portaigh / Ní fhaca muide tada annseo 'tháinic an bhliain ach dílte. Agus deir tusa go raibh aimsir bhreagh ins an áit a raibh tú féin. Dar príosta muis, níorbh é sin do'n áit seo. Bhí uair cho coimhthigheach ann agus a chonnaic mise ariamh. / Má gcuiridh sib bealadh faoin u (: bhur) n-ioscadaí anois, beidh sé in a Dhíle oraibh shul dhá bhéas sib ins an mb-aile. Tá sí ag tolgadh annsin ó dheas. Má bhriseann an meall dubh sin gheobhaidh sib tuairt. / Crois críosta choisreacan Dé orainn. 'Ar ndú' ní amach ins an díle sin a ghabhfá. Má theigheann beidh tú in do líbín shul dhá bhéas tú ag ceann an bhóthair. Is diabhaltaí an tóir atá aige ar an mbáistigh i gcomhnuí]/ Is cumasach an dream iad na tincéaraí féin. Chaith siad an oíche aréir amuigh faoi'n díle áibhéil sin, agus diabhal a dhath mairg a bhí orra ag dul soir an bóthar ar maidin, agus iad ag gabhail fhuinn /

Rug an díle mhór a bhí an lá cheana ann ar an mbóthar air, agus ní raibh aon-
snáth thuas ar a chraiceann nach sílfeá gurb as béal soithigh a
tarraingeadh é. Bhí lán a chruite de shlaghdán lá ar na bháireach air,
agus tá sé ag coinneál na leabthan ó shoin. Mara gcaithidh sé seal in a
leannán anois ag an bhfear bocht, tá an t-ádh air / Má chaitheann sé anois
í, caithfidh sé an díle di. Osclóchaidh béal an aeir ar fad. Má theagann
droch-oíche giorróchaidh sí leis an laogh beag sin thoir agam. Níl sé
sáthach cruadhchúiseach fós le droch-oíche a sheasamh / Tá díle sneachta
air. Ba diabhlaí an ghaimh a bhí ins an ngaoith indiu. Ag eirghe de dhruim
sneachta a bhí sí. Bhí fuar nimhe in mo lámha i gcaitheamh an lae, th'éis go raibh
mé ag rúpáil oibre / Chaith sé díle annseo muise. Ní leigfeadh sí luch as
poll ná diabhal as Ifreann, bhí sí cho gártha sin tamall. Ach ní raibh
ínnte ach droch-ráig in a dheidh sin. Agus deir tú nach raibh sí sin agaibh-
-se chor ar bith. Bíonn sí leathtromach an t-am seo igcomhnuí. / Ionntuigh
i leith. Tá an Díle uisce as do chuid éadaigh. Is cosamhail thú le duine
a tharraing(eochth)aidhe thrí shruthán / Tá an Díle uisce ins an abhainn =
tuile mhór / Is talamh é a gcothuigheann an Díle uisce air i gcomhnuí. Tá
an áit siúd an-uisceamhail ar aon-chor. Nach ann atá máithreach an
uisce / Comhnuigheann an díle uisce ar an mbóthar sin go síorruí. Bíonn
sé faoi uisce ar fad ins an ngeimhreadh an uair a scéitheas an
abhainn. Níl neart aige múirín a chaitheamh ins an samhradh féin,
nach mbíonn sé druidthe le balláin mar adeir an t-Árannach /[Tá
an Díle uisce ag teacht orainn annsiúd. Nach orainn atá uiscí trí
bhaile ag teacht. Bíonn sé maith go leor go gcalcann an tóchar, agus
annsin cuireann sé Garrdha an Ch. ó mhaith. Bíonn sé sceithte uiliog]/ Bhí
an díle pislíní len a bhéal agus é ag iarraidh a bheith ag caint in a dheidh
sin. Ní thuigfeá focal ar bith uaidh. Ní caint a bhí aige ar aon-chor,
ach plubaireacht / Tá an Díle fola dhá dórtadh anois. [Deir bean J.
liom go bhfuil caor-theinte cogaidh anois ann. Tá na Sasanaigh ag dul
isteach dubh na frighde ar an nGearmáin, ach tá sé ag dul go snaoidhm
an rópa leo in a dheidh sin; agus níl léigheamh ná innseacht scéil ar gach agus a
bhfuil dá mharbhú orra (: Samhain 1944)]/[M'anam nach in a braonachaí
atá an bháisteach anuas ann anois ach in a Díle. Fear ar bith a bhfuil
aon-tsuim aige in a chuid éadaigh anois fanadh sé as. Is mór an t-ár é an
súighe ann / Tá an Díle uisce in mo bhróga. Níl díon deor ionnta th'éis

mo dhá ghine bhuidhe a shíneadh orra tá dhá mhí ó shoin / H-óladh an díle pórtair annseo thoir lá an aonaigh. Níor mhair leath-bhairille tigh Sh. ach ceathramhadh uaire. Abair go mbadh shin sciobadh air! / Chonnaic mise saoghal a raibh an díle poitín annseo. Ní bheadh ort ach a dhul isteach i dteach ósta ar bith agus is túisce a leagfaí gloine fuisce ná gloine phórtair chugad. A Rí an bhFeart, nach hé an saoghal a d'imigh! Agus gan dubh na h-iongan de anois ins an tír]/ Bhí an díle cainte aige = bhí sé ag caint, agus ruibh chainte air, agus uathbhás air ag labhairt freisin /[Tá an díle cainte ag an gceann céadna, agus gan éirim ar bith innte. Ní fhaca mé duine ar bith ariamh is lugha a bhfuighinn bun ná barr air ach é / Ar an dá luath agus a n-ólann sé pintín pórtair teagann an díle cainte dhó, agus do dhubhshlán annsin a chur in a thost go dtuitidh sé. Neart sclaibéaracht' a bhíos aige. An uair a bhíos sé ar a chéill ní bhíonn smid ná smeaid aige. Bheitheá ag cur maide siar in a bhéal, agus dheamhan druid adéarfadh sé. Is aisteach an chaoi a dteigheann an t-ól do chuid de na daoine / Má fhaghann sé ugach ar bith tiocfaidh an díle cainte dhó, agus sáróchaidh sé muid go h-am suipéir … Ara bíonn 'chuile shórt sean-síoth-malachaí tarraingthe anuas aige; ag caitheamh agus ag cáineadh ar 'chuile dhuine agus ag baint fogha agus easbaidh as 'chuile fhear agus 'chuile bhean ins an tír. Níl caoi ar bith dhuit anois le déanamh, ach gan sásamh ar bith a thabhairt dó. Abair "thug tú h-éitheach" ar an gcéad iarraidh, agus feicfidh tú féin gur beag an chaint a fhanfas aige annsin / Rinneadh díle cainte ins an áit seo le cupla bliain: na helections sin. 'Chuile fhear dhá moladh féin go h-aer, agus ag rádh nach raibh duine ar bith eile cneasta ach é féin, agus go mbadh dearg-chneamhaire 'chuile dhuine dhá raibh in a aghaidh. Agus gurb é an rud céadna a bhí ó 'chuile dhuine aca: uisce a tharraingt ag a mhuileann féin. Chuir-fidís uais ort / Tháinic an díle cainte air in éindigh, agus annsin bhuail an stad é, agus ní raibh sé ag fáil focal ar bith leis féin. "A mhait-mha-mha-mhait-'mhaitiú" adeireadh sé. Diabhal mé go mbeadh truaighe agad dó — an cimleacháinín bocht. Bhí rud eicínt a raibh éirim ann le rádh aige, ach cé'n mhaith sin, an uair a bhí sé ag cínnt air a rádh / Dhá bhfeictheá an díle cainte a tháinic air d'aon-iarraidh, agus 'ar ndú' mo léan, siúd é an áit nach bhfuigh-eadh sé cead cainte. Bhí 'chuile dhuine annsiúd ag cur dóibh as béal a chéile agus ní chloisfeá méir igcluais. Bhí sé an-líomhtha muise leis an dream eile a fhreagairt ach nar fhéad sé]/ Tá an díle oibre air agus é ag cinnt air freastal dhi = tá a lán oibre ins an mullach air; an oiread agus nach bhfuil

sé indon cuid mhaith di a dhéanamh /[M'anam a Dhia a's do Mhuire! Tá an díle oibre orm agus gan goir agam a leath a dhéanamh: móin, fataí, meaingils, cairrgín, agus 'chaon tsórt. Nach deacair do dhuine aonraic freastal do'n méid sin ar fad. Ní túisce obair déanta ná a chaithfeas tú tosuighe ar obair eile. Ní fheicim duine is fhearr atá as cionn a chuid oibre ná an mac seo thuas. Chuala mé go raibh sé tosuighe ar an eorna indiu / Ná cuir isteach ná amach orm anois go ceann uair 'an chluig. Tá an díle oibre orm. Níor fhéad mé iabh ná forus a dhéanamh ó mhaidin ach ar mo chois. Dhá mbeadh an gó (: gábh?) seo tharm, b'fhéidir go bhféadfainn mo scíth a leigean / Ní bhfuighidh sé aon-suaímneas i mbliana le teann díle oibre. Nach diabhlaí mór an t-iongnadh ó atá an t-uathbhás sin air, nach bhfuil an cúl siúd curtha aige feasta. Is suarach éidtreoireach an créatúr mé féin, ach dhá bhfaghainn seachtain air, chraithfinn an leath-deire aige. Dar mo choinsias chraithfinn / Nach orra atá an díle oibre. Deir tú liom gur chaith tú dhá lá agus dhá oíche ag obair as éadan. Ba mhór an seasamh agad é. Dar Dia ní dhéanfainn é ar éadáil Shasana fré chéile, hébrí céard a gheobhainn ar a shon. Forrú cogaidh is cionntach leis sin. A a Thighearna nach orra atá an súnás ag marbhú daoine. Sin é an fáth an obair sin fré chéile]/ Chuala mé go raibh an díle feamuinne isteach. Fáilte an diabhail roimpe. Tuilleadh sclábhuidheachta ar na daoine, dhá cur sin suas anois / Tiocfaidh an díle feamuinne anois ar an ngaoith seo. Líonfaidh na caltaí isteach ar fad. Gheobhaidh mé an oiread anois agus a shean-leasóchas Garrdha Ú. Mh. / Shílfeá gurb í an díle a bhí ag teacht air le raibh de chaint aige = shílfeá gurb é an díle a bhí air, bhí sé ag caint cho sciobtha sin /[Shílfeá gurb í an díle a bhí ag teacht air, le raibh de chaint aige = bhí an-anbháthadh cainte air; bhí sé ag caint go h-uathbhásach sciobtha, fearacht agus dá mbadh í an tuile a bheadh ag teacht in a mhullach, agus nar mhór dó a bheith réidh sul a mbeireadh sí air / Shíl mé gurb í an díle a bhí ag teacht uirre len a raibh de chaint aici. Ní fhéadfadh duine ar bith eile a bhéal a oscailt. Diabhal é muis … Dá mbadh é an sagart a bheadh ann, ba bheag aice siúd é. Stollfadh sí léithe. Tá ciall in a leithide.]/ Shílfeá gurb í an díle a bheadh ag teacht air, bhí an oiread sin falrach cainte air … Mo dhubhshlán aon-smid a rádh annsiúd. Bhí sé in a chlaibín muilinn ó tháinig muid isteach gur imigh muid aríst, agus níl aon-cheo ó neamh go talamh nar tharraing sé anuas agus gan cuma ná caoi a chur ar scéal ar bith. Ní túisce a bheadh sé tosuighe ar scéal amháin ná a tharraingeochadh sé anuas scéal eile. Ach 'sé an cás é, bhí sé in a scéal an ghamhna bhuidhe ar fad aige faoi dheire. /[Diabhal

aithne uirre nach hí an díle a bhí uirre, bhí sí ag caint cho sciobtha sin. Níor thuig mise focal as 'chaon trí fhocal uaithe. Is diabhlaí luath-chainteach an duine í. Ach cé'n chaoi a gcuimnigheann sí ar an síorádh siúd ar fad len a chur indiaidh a chéile. Siúd í a bhí a chur suas ar an "stage", thar agus an dream a bhíos ag dul ann.]/ An uair a bhuaileas ruibh na cainte é, cheapfadh duine gurb í an díle a bheadh ag teacht air, bíonn sé cho luath-chainteach sin. Níl ort ach muintir Mh. a tharraingt aige. Teagann coinneal ann agus áitigheann air ag cur caoi orra, agus ag díbliú orra. Déanann sé leitheachaí de na focla in a bhéal, bíonn an oiread sin an-bháthadha air. Níl greann go h-éag ach éisteacht leis /[Tháinig an mac isteach agus scéal Chailleach an Uathbháis aige. Shílfeá gurb í an díle a bhí ag teacht air, bhí sé ag cur dó cho h-éascaidh sin. Ach leis an uathbhás a bhí air, agus leis an séideán a bhí ann, níor fhéad muid a thuiscint ach gur eirigh rud eicínt do Bheartla. C. J. a d'innis an scéal thríd síos agus thríd suas duinn, an uair a tháinic muid amach ar an mbóthar]/ M. Ó. M. clab-aire ceart é. Bíonn sé gróigthe thiar i gclúid Ph. Sh. 'chuile oíche, agus ní thiubharfá samhail ar bith dhó ann ach "gramafón": "gramafón" a ngream(óchth)aidhe cloigeann "béar" dó. É annsiúd in aon-cheirtlín amháin agus déarfá go mbadh í an díle a bheadh ag teacht air len a mbíonn de chaint aige. Níl neart ag aonduine eile a bhéal a oscal beag ná mór. B'fhiú dhuit P. Sh. a fheiceál ag breathnú air, agus cáir air cho mór agus a bheadh ar "elifeaint" ag slugadh uaidh /

Díle: ainm-bhriathar.
Ag díle = ag cur; caidhleadh; roilleadh; ag caitheamh go trom.

Tá sé ag díle sneachta = tá sé ag caidhleadh sneachta; tá sé ag cur shneachta go trom / Bhí sé ag díle báistighe igcaitheamh na h-oíche. Shíl mé go mbeadh 'chuile áit báithte ceart, ach in a dhiaidh sin agus uiliog, shílfeá nach mórán dá chosamhlacht atá ar an talamh indiu: Níl clascanna an Fh. go bruach, ná baoghal air. Ach bhí ar chréafóg scrútuighthe th'éis an spalpadh mhóir /[Is geall le lá é a thosóchadh ag díle sneachta. Nar chomhnuighidh sé go dtosuighidh sé agus mé ag ceapadh go mbeadh na cupla mullach sin thoir bainte agam. Fata ar bith nach bhfuil bainte anois, tá sé cho maith é a fhágáil i dtalamh. Béarfaidh an sioc air, agus ní bhuachfar aon-cheo go deo ar fhataí seaca. Duine ná beithidheach ní leagfaidh smut orra. Is beag an baoghal go leagfaidh.]/

Dílleachta, Dílleachtín: ainm-fhocal, fireann; iolraidh dílleachtaí.
(dʹīʟʹəxdə): Dílleachta = páiste a bhfaghann a athair agus a mháthair bás, nó ceachtar de'n bheirt scaithtí; uan, laogh, nó míolgaire ar bith a gcaillfí a mháthair.

"Dílleachtín cráidhte mé gan athair gan máthair,
Agus dá mbeadh mo chliú tárrtha cé'r chás dom a bheith falamh" [As "Cuaichín Ghleantáin Éifinn"] / Caithfear a gcur isteach anois 'san áit sin a dteigheann na dílleachtaí, ó thárla nach bhfuil aon-duine sásta a dhul in a gcíonn / Nach beag 'e ghrádh diadha é a dhul ag rádh rud mar sin le na dílleachtaí bochta / An ag dul ag déan-amh tréatúlacht ar an dílleachta bocht sin a ghabhfadh sé. Má ghníonn, tá Dia thuas, agus agróchaidh Sé air é, míle buidheach-as Leis Féin /[Ná déan éagcóir choidhchin ar dhílleachta hébrí céard eile a dhéanfas tú / Fágfaidh an cogadh seo baintreachaí agus dílleachtaí ar fud an domhain go bhfóiridh an t-Athair Síorraí orainn a leainín (: leainbhín) / Cá bhfuighidh na dilleachtaí bochta díol a bhfreastail anois? Is beag an tsúil le Dia a bhí ag duine ar bith a chuaidh ag déanamh a leithide de chleas / D'imigh sí agus d'fhága sí áilín dílleachtaí ar aon-chéill in a diaidh. Go dtugaidh Dia trócaire dhá dearbhráthair! Chuaidh sé in a gcíonn, agus níor leig sé aon-lá anshógha orra, ach an oiread agus dhá mbadh iad a chlann féin iad. Go dtugaidh Dia a luach sin dó!]/ Tá an t-uainín sin in a dílleachtín. Rugadh ar an sneachta mór é, agus tugadh isteach é agus cuireadh le teine é. Ní thiubhar-fá deich triuf air agus diabhal mé gur shrian sé as in a dheidh sin agus gur bé atá cruadhchúiseach anois. Ach cailleadh an mháthair. / Caithfidh sé a dhul ag diúl ar bhó eicínt ó thárla go bhfuil sé féin in a dhíll-eachta. Níor mhair an mháthair ach seachtain th'éis a bheirthe / Shíl muid dheamhan maireachtáil a dhéanfadh seisean ach oiread. /[Sin anois searrach nachar ól a lacht ariamh, agus déarfá nach donaide é marar ól féin. Is dílleachta é. Bascadh an mháthair i sean-chlochar annsin thiar trí nó ceathair de laetheantaí th'éis searrach a bheith aice. Chuaidh sí isteach ann ar chuma eicínt, agus cuireadh ar chúl a cinn idir dhá chloich í, agus ní raibh ann ach go raibh sí dí-bheo nuair a fríothadh í. Má seadh féin, níor tháinic sí as]/

Díon: ainm-fhocal; fireann; iolraidh — díonta, díonannaí.
geineamhnach — "dín" go h-iondamhail, ach "díona" amanntaí.
Díon = clúdach; an brat tuighe a cuirtear ar theach as cionn na scrathacha;
ar chocaí agus ar chruacha féir arbhair, móna etc.
[ní tugtar ar an gceann uile é, ná ní tugtar ar cheannslinne é ach
oiread. Ceann a bhíos ar an teach. Ceann tuighe ar chuid aca agus ceann-
slinne ar chuid eile, ach ní h-ionann ceann agus díon] Dídean, díol, údar.
[Díon thrócaire, díon déirce c.f. díol]

"An bhfeiceann tú mo teach agus gan de dhíon air ach an scrath
thíos ar leathtaobh an bhóithrín" [As amhrán]
Níl díon ar bith ar an teach aige anois. Tá sé caithte isteach go dtí an
scrath / Tá an díon caithte air go grinneal / Mara gcuiridh sí
brat dín air, is gearr nach mbeidh aon-teach aice. [Níor mhór dó
as éadan anois é. Mara dtapuighidh sí freisin é, anuas in a mullach
a bhéas sé … Beannacht Dé dhuit. Fanacht go dtí th'éis an chogaidh agus
teach ceann-slinne a dhéanamh! Ní bheidh cleith as a cíonn leath-bhliain ó indiu]
/ Má's in mo chleitheamhnas-sa atá sé le díon a chur dó, beidh sé gan
cur. Nach simplí a gheobhadh sé na daoine a dhul suas ar thaobh sean
-tighe dó, dhá bpréachadh fhéin leis an bhfuacht. Teigheadh sé i gcurrach
Sheáin Uí Fhínneadha anois! / Tá an sean-díon sin ar fad rodtha. Ní
fhéadfadh sé gan a bheith agus a fhad agus ó cuireadh é. Tá mé ag ceapadh go bhfuil
sé deich mbliana go maith ó a chuaidh an stráca deireadh
air sin /[Deir siad nach mbíonn díon ar bith curtha má aithnigh
-eann tú na strácaí ann, ach fagh thusa an díon nach n-
aithneochaidh. B'fhéidir nach n-aithneochthá indiaidh Ph. Dh. iad, ach
an fear a leigfeas suas ar a theach é sin, ní thiocfaidh sé
anuas an bhliain sin (: é an-roighin)]/ An-tuigheadóir é. Chonnaic
mise díon curtha aige annsin thiar nár leig aon-deoir isteach ariamh
gur dhreoigh sí anuas de'n teach le aois. Tá mé ag ceapadh go raibh
scór blianta air ar chaoi ar bith, shul ar theastuigh brat uaidh
aríst. Bhí buadh eicínt aige leis an tuighe. D'fhuaghadh sé ar chaoi
eicínt í, nach leigfeadh sí an sileadh thríthe go bráth. /[Is gearr
go mbí an teach faoi dhíon nuadh ar fad aige aríst. Má bhíonn fhéin,
is géar a theastuigh sin uaidh]/ Diabhal mé go bhfuil sásamh ins na tighthe
ceann slinne féin nach bhfuil cúram dín ar bith dóibh. Bhíodh muid
meathta 'chuile bhliain ag cur suas dín, agus dhá gclistheá bliain ar bith,

ba ghearr go n-íocthá ann: bheadh báisteach anuas ort. /[Is mór an chontabhairt é an teach ceann tuighe in a dheidh sin. 'Bhfeiceann tú sin anois. Ní dhearna an gasúr sin ach bior dóighte a chur ins an teine agus é a sháith ins an mbun tsop. Ó a chuaidh sé thrídh lasadh chor ar bith, ba ghearr go raibh an lasair déanta leis an díon siar, agus marach cho h-éascaidh agus a brathadh é, bheadh dóighteán ann a mbeadh cuímne air]/ Ar chuala tú faoi'n teach sin ar innis S. Ó. C. duinn faoi ins an scéal. Díon de chlumhach na n-éan a bhí air. Dar mo choinsias muise is fada go mbeadh dóthain tighe de dhíon agad ó'n a bhfuil d'éanlaith ar an mbaile seo anois. Dheamhan é go dtí lá Philip an Chleite. B'fhéidir dá dtóruigheadh duine brocachaí na sionnaigh go mba mhór an chongnamh dhó é. Is aca atá clúmhach an bhaile ar aon-chor / Cíb easca nó tuighe sheagail: sin iad an díon. Maidir le tada eile níl an buaineadas ionnta. Nach diabhaltaí an t-aistir a bhíodh orainn fadó go G. na B. ag tarraint cibé do N.: dhá tarraint an t-achar sin le na (: n-ar) ndruím. Is fada go ndéanfadh daoine anois é. Dheamhan é, dhá dtuiteadh an teach in aon-bhrúisc amháin in a mullach cheal dín /[Tá caitheamh agus cáineadh ar an tuighe anois, ach sílim in a dhiaidh sin agus uiliog nach raibh díon ar bith a chinnfeadh uirre. Bhí teas agus teolthuidheacht innte ins an ngeimhreadh agus fionnfhórtas ins an samhradh. Ba é an teach ceann-tuighe teach na h-áite seo. An bhfeiceann tú céard atá aca anois: ballaí "concréte" a dheallróchadh madadh uisce agus na "tileíní" suaracha sin, atá ar bogadh le 'chuile shinneán. D'fhéadfá rud eicín a dhéanamh le díon oíche ghártha, ach ní fhéadfaidh tú tada a dhéanamh le sclátaí ach seasamh in do bhoideoide ag breathnú orra dhá bhfuadach. Ach an leabaidh a thomhais na daoine dhóibh féin codluighidís anois innte. Sin é adéarfainnse]/

Níl díon ar bith ins na bróga seo = tá siad ag leigean isteach; tá siad ag déanamh uisce /[Thug mé mo choróin agus dá fhichead orra, ach mo chreach mhaidne ghéar thú. Bhí sé cho maith dom péire miotáin a bhualadh orm leo. Níl díon ar bith dhá bhfaca tú ariamh ionnta]/ 'Sé an chaoi a bhfuil na bróga atá amuigh anois, níl díon ar bith ionnta ná go gcaithidh tú na buinn go grinneal i dtosach, agus ní mórán moille é sin ar dhuine. Níl le déanamh annsin agad má tá na h-uachtair réasúnta chor ar bith, ach péire tosaigh a bhualadh orra

thú féin, agus b'fhéidir go dtiubharfaidís caitheamh eicínt uatha annsin.
Scéal cinnte ar chaoi ar bith gur mó an teolthuidheacht a bhéas
ionntu ná ar an gcéad iarraidh /[Bhí a fhios agam go maith nach
mbeadh aon-díon ins na bróga a cheannuigh tú an lá sin. Bhí an
leathar ro-chineálta. Dhá ndéantá mo chomhairle-sa, d'fhanfá
uatha]/ Is beag an díon atá ins na h-éadaigh seo. Múirín ar bith báistighe
agus tá sí le mo chraiceann. Níl bualadh an cheann-asna ann in a dheidh sin. /
Tá an-díon báistighe ins na cótaí sin, ach go gcaillfidís thú le fuacht.
'Bhfeiceann tú an ceainnín réidh-chaithte sin agamsa. Ó "Jackchape" a
cheannuigh mé é roimh an gcogadh; ar shé déag. Ba slad-mhargadh ceart
é / Tá sé gáibhtheach ach níl díon ar bith ann. An leamháinín éadaigh sin
anois a bhíos ar na gearrchaileadha, níl a fhios agam féin cé'n chaoi nach
gcaillteár ann iad. D'fheicfeá na beithidhigh thríd an gcuid is mó dhe 'tá sé
cho scagach sin. Nach dona an clúdadh é le h-ais na bhflainíní agus an cheann-
asna a bhíodh orainne fadó. Siopaí atá ag déanamh iarmhuis ar na mná
anois / Marar chuir sé orra ach cnámharlach ólfaidh siad an bháisteach
agus lobhfaidh siad ins an bpoll. Níl díon ar bith ins na barrannaí sin le h-ais
na raithnighe. Is fhearr an raithneach míle uair ar pholl fhataí /[Níl díon ar
bith ar do chraiceann leis an éadach tanuidhe sin. 'Ar ndú' níl aon-deor amuigh
nach mbeidh istigh aige sin. Loinnir a bhí tusa a iarraidh, agus ní teacht aniar]/ Marar chuir
sé díon ar an gcruach choirce fós, is gearr go bhfeicidh tú téighte í, má
fhaghann sí múirín ar bith /[Níl gna ar bith aige aon-díon a chur ar an bhféar sin.
É a chaitheamh anuas aríst agus a leigean amach atá aige a dhéanamh, má tá áird
ar a chuid oibre aige. Nach bhfeiceann tú an ghail-bhruithte as. Má chuireann sé
brat dín air sin mar atá sé, breodhfaidh sé ar fad agus dheamhan bó ná
gamhain a leagfas smut go sleibhe air]/ Cuireann siad díon ar an móin in áit-
eacha eile, ach ní annseo é. Is dóigh gur áiteacha iad sin atá gann faoi mhóin.
An áiteacha a bhfuil fairsingeacht di, ní bhíonn aon-chion uirre / D'fheicinnse
M. fadó ag cur díon' ar fheamuinn tirm, ach bhíodh gnaithí dhá chuid fhéin aige-
sin i gcomhnuí … Níl mé ag rádh nach dtiocfadh sé 'un sochair do'n fheamuinn.
Choinneochadh sé an súighteán innte agus sin é maith na feamuinne / Seileastrom
a chuireas muide i gcomhnuí de dhíon ar an arbhar. Tá fuighleach dhe amach annsin
ins na garrantaí gleannacha agus ins na lagannaí uisceamhla
sin siar. Gheobhthá an oiread i lochán múnlaigh annsin thíos, agus a chuirfeadh díon
ar arbhar an bhaile fré chéile / Chonnaic mise díon ar na puill fhataí ar an

puill fhataí ar an Achréidh. Nar fhága mé seo mara bhfaca. Thosuigh mé fhéin ag gáire fútha agus is beag a thaithnigh sé leo. Is beag a mh'anam / Níor chuir tú cuma dhéanta ar bith ar an gcruaich. Tá an gníomh scagach ar fad, agus níl píce ar bith uirre mar adeir an bádóir. Ólfaidh sí an bháisteach fré chéile. Is diabhlaí nach mbeadh stúaim ionnad ag déanamh cruach mhóna feasta choidhchin /[Go bhféachaidh an t-Athair Síorraí muis ar an gcábán sin, leithide na h-oíche anocht. Níl díon ar bith ar an mbáistigh ins na cupla stráca siúd atá as a gcíonn. Nach mb'fhearr dóib na ceirteacha siúd a dheasú in a dtimcheall, agus a dhul isteach i scailp eicínt nó i lúibinn claidhe, áit a mbeadh fascadh aca, ná a bheith annsiúd agus gan de dhídean ann ach an oiread le lorg cois na bó ar an gcneagaire]/ Níl díon ar bith ins an talamh aoil sin. Súigheann sé 'chuile dheoir a theagas as aer. Nachar sluigeadh abhainn taobh thoir de Ghaillimh cupla bliain ó shoin, agus dheamhan amharc a facthas uirre níos mó. Chuaidh sí síos go dtí an Tír fó Thuinn ins an áit a raibh an Ridire Leath-Chaoch Leath-Ruadh is dóigh /[Níl díon ar bith ins na láimhíní seo, th'éis cúig déag a thabhairt orra … Tá baoghal air! Dheamhan iall leathair ag gabhail leo. Craiceann gabhair nó rud eicínt atá ionnta. Ní feasach dom go bhfuil sé cho maith sin fhéin]/

"Tá mo chóta mór stróicthe agus níl mo bhróga díon deor" (: líne as amhrán). Níl díon deor ins na bróga seo = tá siad ag déanamh uisce as éadan. Níl deor amuigh nach bhfuil leigthe isteach aca / Níl díon deor ins na h-éadaigh seo = leigeann siad an bháisteach isteach; níl siad indon tada a choinneál amach / [Sílim an teach atá aige anois nach bhfuil díon deor ann. Is beag an dochar dhó. Tá sé na cianta cairbreacha ó cuireadh aon-stráca tuighe air. Chuala mé an "set" sin a theigheas ag cuartaidheacht ann ag rádh go bhfeicfeá réalta an aeir amach thríd anois]/ Cheannuigh mé cóta mór — ceann báistighe — thíos inG. cupla bliain ó shoin. Shín mé mo thrí phunt amach air. Dheamhan cianóg ruadh a fuair mé as. Chaith mé dhá uair ag margáil faoi, ach ní leigfeadh sé lag labhartha as na trí phunt é. Chroch mé liom abhaile é. Chuir mé orm lá báistighe ag dul ar an bportach é. Bhí mé bog báithte isteach le mo chraiceann ag teacht abhaile dhom. Rug mé air de thaghd agus rinne mé ciseach faoi mo chosa dhó / Cró "concrete" é agus hébrí cé'n sórt suathadh a thug sé do'n "choncrete" nó cé'n bealach a ndearna sé é, níl díon an deoir féin ins na ballaí. Shoraidh dhó nach ndearna cró cloiche. B'fhearr "balla fuar" go fada ná é siúd. B'fhéidir go mbeadh sé buille fuar, ach bheadh sé

tirm. Dheamhan fuar a bheadh dó ach an oiread dhá mbuailtí le bualtraigh bó é, mar ghníodh na daoine ariamh. Tá 'chuile íntreacht ag teacht amach anois, ach níl in a leath ach ealadhain le dalladh mullóg a chur ar dhaoine. Sin é an méid /[Meann tusa anois an mbeidh díon deoir ins an bpoll fataí sin ach a dteagaidh tuile bháistighe. Bhíodh a fhios aghad nach mbeidh, scáth an scráib chréafóige sin atá taobh amuigh orra. Ní bheidh fata ag gabhail leis an bpoll sin nach mbeidh in a aoileach má fhágann tú mar sin iad]/ Ara bail ó Dhia ort! Níl díon deoir ins na bráicíní sin an uair a bhíos droch-oíche ann. Nach maith a shaothruigheas na maora agus na báirseoirí é, scáth a bhfuil dóib: sé phunt ins an mbliain. Nach gcaithfeadh fear drabhlásach aon-oíche amháin é. Agus caithfidh siad a dhul amach ar an abhainn dhá mbeadh sé ag cur sceanna gréasuidhe. Sin é a bhfuil de theálta aca — na bráicíní sin /[Siad bróga an fhear oibre iad mo léan! Dheamhan an deoir féin a bheadh ort ó na glúine anuas, dhá mbeadh péire aca sin agad. Is mór eatorra féin agus na "clogs" bhradacha sin nach bhfuil díon deor ionnta dhá mbeitheá gan a dhéanamh ach an t-urlár a shiubhal. Ná bac le tada ach leis an gcois fhliuch! Tá sí indon fear a tholgadh gan achar ar bith]/ Níl díon deor ins an gcaipín seo ach sin é an chuma a chuir mé orm féin agus mé dhá ceannacht. Bhí mé lá báistighe in G. agus mé in mo mhaoil. Is gearr go raibh mo chloigeann in a líbín. [Ceannóchaidh mé caipín" arsa mise liom féin. Isteach liom de mhaol mo mhainge ins an gcéad tsiopa ba túisce agam. "Leag anuas caipín agam" adeirimse. Leag. "Cé mhéad." "Trí scilleacha". Shín mé amach aice iad. Sin é a raibh de Bhéarla ná de Ghaedhilge ann, ach ní raibh mé féin anoir ar Á. Dh. L. an uair a bhí mo cheann in a líbín in ath-uair]/ M'anam go bhfuil fear an bhóthair sáthach dona freisin: gurb é atá. Amuigh annsin ar lom an bhóthair agus a shluasad aige, agus dhá dteagadh sé in a dhíle, gan díon deor aige, ná goir aige corruighe. [Ach níl siad cho géar anois agus a bhídís roimhe seo. D'fhéadfá ráig a leigean thart anois, ach mo choinsias má bheireann siad fós féin ort, is beag is aite leo é. Chonnaic mé fear aca ag teacht amach annsin thiar anuiridh …]/ Níl díon deor aige aon-lá ins an mbliain thuas ar an sliabh úd. Shílfeá ins an míádh, go ndéanfadh sé sórt teálta eicínt dó féin le múr a leigean thairis. [Tá an áit siúd cho sceirdeamhail agus go bhfeannfadh sé an fiadh. Ach is fearr leis seasamh ar aghaidh na riththeachta ná anró ar bith a chur air fhéin. 'Sé an leaduidhe is mó ar a dhá chois é. Ní bhainfeadh sé aon-cheart d'obair ar bith eile ach an obair atá air, agus is mór mór an t-íongnadh go bhfuil sé ag seasamh léithe sin féin.]/

Díonmhar: aidiacht as díon (fc. díon)

Díonmhar = caomhantach; cliúiteamhail; teoluidhe, cluthmhar; te; dídeanamhail, fascamhail; clúduighthe; "buailte"; gan a bheith tais ná uisceamhail ná fraighfhliuch; deiseamhail.

"Lean mise an seanchas agus d'fhiafruigheas cé dhár díobh í.
'Cá bhfuil do ghaolta nó an maireann siad beo.
Nó an tú cineál Úa Conchubhair a bhí againn 'sa tír seo
Mar bhí siad an-díonmhar a's in a bhfamily mór'
'Ní mé cineál Úa Chonchubhair a bhí agaibh 'sa tír seo
Má bhí siad an-díonmhar a's in a bhfamily mór
Ach 'sé ainm agus sloinne dhom bainrioghan na bruidhne
Is mé cineál na síofraí as Cnoc Leitir Mhóir' (: ceathramhadh as amhrán dár tús "ag gabhail Bealach na h-Olla dhom 'seadh chonnaic mé an t-iongantas"] / Is "family" díonmhar iad sin. = daoine cliúiteamhla, bheidís indon duine a chosaint; nó a thógáil, dá mbeadh ag cinnt air féin maireachtáil a dhéanamh; daoine deiseamhla; céithearnaigh /[Bhí na C. sin agus a muíntir díonmhar is gach áit dá raibh siad. 'Ar ndú ní raibh taoisigh ar bith ar an mbaile seo fadó ach iad. Deiridís go raibh T. M. indon duine a thabhairt ó'n gcroich. Bhí fear eile aca annsin thoir — C. Mór a thugaidís air — agus bhí cóiste cínn aige. Chonnaic mise a inghin. 'Sí a bhí pósta ag B. G. annseo thíos. Bhíodh sí ag eirghe indiallaid árd]/ Dream an-díonmhar a bhí i muintir Ph. Mh. Mh. sin. Níor chuir a mháthair sin bean bhocht ó'n dorus ariamh agus níor eitigh sí fear bóthair ná bealaigh faoi lóistín. Nach h-iad a thóig na G. bheaga sin 'chuile lá ariamh. Meastú marach gurb iad an mbeidís beo. Bhí sé fánach aca /[Asna de'n tsean-dair iad na Flaithbhearta a mhic ó. Cine an-díonmhar a bhí ionnta scathamh. Ach bochtuigheadh iad ar nós cuid mhaith eile. Deir siad go raibh, agus go h-olc freisin. Chuala mé fear aniar ag cur caoi ar Fhlaithbheartach na h-Áirde — "Tadhg na Buile" …]/ Nach sonnda an mhaise dhó é a dhul ag tabhairt cine faoi chopóig ar aonduine — agus go mór-mhór ar an ngearrbhodach sin thar dhuine ar bith. Sílimse nach raibh mac-samhail a "family" sin ins an tír scathamh. Bhí siad díonmhar deiseamhail, agus is mó an mhaith a rinne siad ar chuma ar bith ná an mhí-mhaith … A dhiabhail nach teann é ag caint, agus gurb iad díogha 'chuile dhíogha a mhuintir fhéin / [Bhí corr-dhuine díonmhar mar sin ann an uair sin a dhéanfadh caraideacha dhuit, agus a sheasfadh dhuit ar do chruadhóig. Ach mar a chéile 'chuile dhuine anois. Tá an tairngearacht ag teacht isteach: Beidh an gleann cho

h-árd leis an gcnoc adeir Colm Cille]/
Is teach díonmhar é seo = teoluidhe, cluthmhar, gan é tais ná fraighfhliuch, ná aon-bháisteach anuas ann /[Ní teach díonmhar go dtí teach ceann tuighe deirimse leat. Feicim na ballaí nua sin anois atá siad a dhéanamh ins na tighthe ceann-slinne. Tá siad faoi scáinneadhachaí as éadan. Ní sheasfaidh siad aon-chéad bliain go bráth. Cá'id atá na tighthe ceann-tuighe déanta? Is sean-tighthe ó'n Díle cuid mhaith aca.]/ Má's leat bróig dhíonmhar a fháil, fágh bróig gréasuidhe. Maidir leis an "didillo" a gheobhas tú ins an siopa beidh sí ag déanamh uisce faoi cheann seachtaine … Deir tú nach bhfuil aon-ghréasuidhe níos goire ná teorainn Chondae Mhuigheo. Mara bhfuil féin b'fhiú dhuit an tabhairt a chuir ort féin. Má fhaghann tú péire uaidh, beidh bróig agad le do shaoghal /[Níl aon-mhéid ann — bráicín beag ceann-tuighe, ach tá sé an-díonmhar, an-teoluidhe. Chuirfeadh sé lóchrann ar do chroidhe breathnú isteach air: brat nua tuighe sheagail air, agus í curtha go slachtar; eidheann ar na ballaí; "flowers" agus crainnte beaga spíonán agus ubhla is 'chuile áit taobh amuigh, drisiúr breagh ornáilte le feiceál isteach ann, agus sean-fhear agus péire spéacláirí air ag léigheamh páipéar nuaidh-eacht' i gcathaoir thuighe ag an dorus. "B'fhearr liom seachtain dá gcaithinn frób ná i dtír na h-óige le mo shaoghal" mar adeir an t-amhrán]/ Níl aon-cheo aige siúd nach bhfuil díonmhar. Tá na sciobóil agus na h-áirgí atá timcheall an tighe cho díonmhar leis an teach comhnuidhe. Dhá mbadh é bosca an mhadadh féin é, tá líonán aige taobh istigh leis — píosa de chóta mór oláilte — ar fhaitíos go dteangmhóchadh deoir ar bith leis. D'eireochadh sé amach agad as an mbosca sin ar maidin cho tirm le fear as leabaidh chlúmhaighe /[Mara mbuailtear an balla sin dheamhan an mbeidh sé díonmhar go bráth. 'Séard a bhí agad a dhéanamh anois, cupla mála aoil a cheannacht agus láthair mhuirtéil a dhéan-amh, agus an áit sin a bhualadh, shul a chuirfeas tú beithidheach ar bith isteach ann. Ní bheidh sé romhat aríst / Ní fhaca tú aon-áit ariamh ba díonmhaire ná a bhí aige, istigh i scailp agus i buailte taebh istigh agus dalladh raithnighe agus féir faoi agus thairis. Diabhal clóic ar bith a bhí ar fhear na tíre sin ins an am sin. Bhí neart scailpreacha agus úaineanna aige le dhul ar a chaomhamhaint féin ionnta. Ní raibh go dona ann ach an dream thart thíos nach raibh áit ar bith aca. Dhá dteagadh an ruaigeadh aríst, ní mheasaim go mbeadh sé cho h-éascaidh ag na daoine a gceann a thabhairt leo agus a bhí sé aimsir na "dTans"]/ Áit dhíonmhar len a dhul ag cúirtéireacht atá sé sin a iarraidh. 'Bhfeiceann tú an smúracht atá air. Tiocfaidh sé i lúibinn an chlaidhe /

Dreancán (dʼrʼænkān): ainm-fhocal, fireann; geineamhnach uathaidh — dreancáin.
Dreancán: níl a fhios agam go h-áirid céard é an rud ó cheart, ach de réir
mar atá sí igcaint, cialluigheann sé dris de dhuine, cantalóir, duine
coiligneach, duine olc, nó duine a bheadh ag cur a chosa uaidh go h-áirid ar
a mheisce.

Nach hé an dreancán é / Níl neart aige dhá ghloine phórtair a ól
nach bhfuil sé in a dhreancán mar sin. Nar nuacha Dia dhó nach
gcaiththeann in aer ar fad é mar ól, ó a chuireas sé an bhail sin air /
[Bhí sé seo thíos ann, agus go deimhin má bhí féin, bhí sé mar is minic
leis a bheith, in a dhreancán bhradach. 'Séard a bhí a dhéanamh
leis a smut a bhriseadh. Is mór an uais é, 'nuair a bhíos aon
-deoir caithte aige.]/ Nach maith a chaithfeadh sé a bheith in a
dhreancán thar aonduine. 'Séard a bhí a dhéanamh leis sin é
a fhágáil in a sheasamh suas annsiúd agus gan an sdriog
féin a thabhairt dó ó thárla nach bhfuil sé indon é féin
a iompar /[Nach bhfeiceann tú in a dhreancán é sin, agus
gan deoir in a bholg. Tá an droch-fháisc istigh; tá sin. Sin é
atá dhá dhéanamh air / Thosuigh P. ag séideadh faoi, agus ba
ghearr a dhearbhráthair mo chroidhe thú go raibh sé in a
dhreancán. Ach níor cuireadh aon-chaidéis air in a dheidh sin]/
Go deimhin ní drisín ná dreancán é, ní hé t'fhearacht
féin sin [fc. dris. Cuirtear drisín agus dreancán le chéile
mar sin] / Dhá mbadh drisín ná dreancán a bheadh innte is
mór adéarfadh duine, ach níorbh eadh muis ach an bhean is geanamhla
a shiubhail talamh ná féar ariamh. 'Ar ndú' is ar a leithide a
bhuailfí an droch-fhear! /[Is beag an baoghal orm a mh'anam. Má
shíleann tú go rachaidh mise ag tarraint drisín ná dreancán
ar bith mar é sin isteach faoi chaolachaí mo tighe, tá tú ag dul
amú. Fuair muid a' (: ar) ndóthain cheana dhíob sin, agus ní ingan
-fios duinn féin é, ní ag ceasacht ar Dhia é / Tá mé ag ceapadh
dhá gcuirtheá slat ar an bpobal nach bhfuightheá drisín ná drean
-cán ar an bhfad sin is mó ná is cantalaighe ná é]/ Má theighimse ag
tabhairt cuirídheachaí uaim, ní do dhrisín ná de dhreancán mar é
sin é; nach mbeadh ball in mo theach nach mbeadh briste aige dhá
bhfaghadh sé cupla gloine fuisce. /

Drámh (: drāw): ainm-fhocal: fireann, tuiseal geineamhnach uathaidh: dráimh; uimhir iolraidh: "drámhasaí" Cois-Fhairrge agus annseo agus annsiúd taobh siar, dráití (: drāt ʼī): Achréidh, Árainn, na h-Oileáin scaithtí, Rosmuc, Muigh Cuilinn go minic agus rl. Deirtear "dráimh" freisin. Drámh: (i) an cárta nach mbíonn ionntuighthe dhó i gcuid mhaith de na cluichí cartaí i.e. cúig déag, cúig fichead agus rl. (ii) caillteamas, a bheith siar le rud, lear, leathtrom, locht, milleán. (iii) Droch-mheas, tarcaisne, faoi ráta, faoi mhí-ghnaoi.

"Muileata mámh, is maith an drámh an triuf" / "Spéireat ó Loch Éirne agus drámh maith hairt" / "Righ hairt an drámh is fhearr i bpaca" / "H-aon muileata an drámh is measa i bpaca" / "Ní drámh go h-airt" / Drámhasaí ar fad a bhí amuigh. Ní fhaca mé mámh ar bith / Thug mé na drámhasaí (: dráití) ar fad dom féin, agus na mámhasaí do 'chuile dhuine eile, ach is minic liom mé féin a fhágáil feidheartha nuair a ghním cártaí / Níl a dhath ag gabhail liom ach sean-drámhasaí brocach. Dheamhan a leithide de chóisir aca! /[Mara dtugaidh tú mámh dom, tabhair drámh maith dhom / Cé'n fáth nachar thug tú do mhámh, agus dhá dhrámh mhaith agad? Ar ndú' ní imirt seisear í / Níl aon-cheann go dóin ann ach drámhasaí / Is maith an drámh atá ar aghaidh glaice agad: an togha / Chaith tú an-mhámh i dtraipísí annsin / Tá tú ag ceilt drámhasaí i gcaitheamh na h-oíche, agus níl a fhios agam nach bhfuil tú ag ceilt mhámhasaí freisin, dhá mbeadh na daoine sáthach áirdeallach / Seogaidh agaibh an sean-dráimh -ín beag bídeach seo. Níl aon-ghnatha agamsa a bheith dhá bhuachailleacht / Ná bac le mámh a bheith agam a mhic ó. Is dona ina ndrámh féin iad / Is maith a chuaidh mo dhéanamh -sa dhuit. Chuir mé in do dhrámh ceart thú]/ Caith trí mhámh asta, agus dhá dhrámh mhaith = a rádh le fear dhéanta / Cé'n ciall duit an drámh sin a leigint isteach biorach, agus mámh in do ghlaic agad … Ba mhór leat a dhul dhá leanacht: Sin é an áit ar chac tú ar na h-uibheachaí muis! / Ba dona an drámh a bhí annsin agam agus diabhal mé go dtug sé an eang leis in a dheidh sin / Seol leat!

Is beag de mo caillteamas-sa leis: dráimhín dona / Níor mhaith
liom a gcaitheamh i bpaca, arae bhí cupla drámh maith ionnta /
Ní raibh de dhrámh ar foghnamh agam ach bainríoghan triuf, agus
d'imigh sí ar an Rí /[Tabhairt an dráimh a dhéanfas é a bhuachaillí /
Tuige ar thug tú an drámh. Breagh nachar lom tú é, ó bhí
cosaint agad ar do chuileata / Cuir in mo mhámh mé a
fhleascaigh nó i ndrámh maith]/ Nach ann atá na sac-ghadhair!
Agus mise ag ceapadh go bhfuighinn cúig ar dhrámh! / Ní raibh mámh
ná drámh agam ach mar a chonnaic sib anois. / Drámhasaí
fré chéile a bhí agam, ach ba rí-chártaí uiliog iad, agus bhí
mé ag ceapadh go bhfuigheadh ceann aca cúig ar a chorr /
Bhí mé taobh le drámhasaí an iarraidh sin, ach uair bheag agus uair
mhór a mhic ó! / Nach agad a bhí na drámhasaí thar cíonn! /
"Casadh Bríd Ní Chearra orm, agus bhí sí ag gearradh cártaí.
D'iompuigh sí na muilte, agus tharraing sí na dráití.
D'aithnigh mé ar an ngearradh sin nach raibh fear ar bith indán di
Agus ólaigidh liom an crúiscín agus bíodh sé lán" [Sliocht as
amhrán a fuair mé i Muigh Cuilinn — "ólamuid an chrúiscín"] //
Ní thiubharfadh sé dhom é ar mhámh ná ar dhrámh = ní scarfadh sé leis
ar rud ar bith, ná ar chonntar ar bith /[Ní chuirfeadh sé an gamhain
na deich scilleacha eile ar mhámh ná ar dhrámh. Ach diabhal a fhios agam
nach raibh sé dhá chur a cheart. Níl aon-ordú 'e rath air / Bhí an "jug"
sin sa teach le na cianta cairbreacha agus ní thiubharfainn ar mhámh
ná ar dhrámh é. Ach tá sé de gheis oraibh go gcaithfeadh sib a bhriseadh /
An bhfeiceann tú an píopa sin anois. Ní scarfainn leis ar mhámh
ná ar dhrámh. Tá sé agam le tuilleadh agus seacht mbliana. Sé an
píopa is fhearr é, ar chaith mé gail thobac ariamh as]/ Tá
maith dhó muis a bheith ag míoladóireacht timpeall uirre sin.
Dheamhan é muis ach an oiread liomsa. Meastú an dtiubharfaidh S. M.
a inghean dó sin. Ní thiubharfadh ar mhámh ná ar dhrámh / Ní rachainn
siar ann ar mhámh ná ar dhrámh. Nach mé a shíleas tú a bheith
conórach. Níor thug mise conórtas de'n tsórt sin abhaile liom /
Déanaighidh-se a' (: bhur) rogha rud, ach ní thaobhóchaidh mise é
ar mhámh ná ar dhrámh. Sin é a bhfuil 'na thímpeall. Go deimhin

ba chumaoin dom sin! / Ní eireochadh sé sin ar mhámh ná ar dhrámh go mbeadh sé an h-aon déag sa lá, nó gur imigh an dearbhráthair, ach dheamhan mochóireach ar an mbaile is fhearr ná é ó shoin /[Ní dhíolfadh sé sin áit tighe leat ar mhámh ná ar dhrámh. Baoghal air. Is mó aige sin an leacaichín sin thíos, ná dhá mbadh í Gleann Aidhneach í (: tá Gleann Aidhneach an-mholta ar a fheabhas. Deirtear gurb i gCondae an Chláir atá sé) // Pébí cé air ar shíl siad a dhéanamh, ormsa atá an drámh = mise atá síos leis = ormsa atá an caillteamas nó an lear = ormsa a rinneadh an millteanas]/ Ba chuma leis siúd cé air a mbeadh an drámh, ach ghoidfeadh sé an t-airgead. Thug sé slamannaí móra leis freisin. Nach raibh sé ag oscailt leitr-eachaí in imeacht bliana nó as a chionn, shul ar brathadh é. / [Tá siad féin íoctha go maith leis anois. Diabhal thiomanta fear ar an bhfeadhain aca nach bhfuil ag fáil a bheagán nó a mhórán pinsean. Ach orainne atá an drámh. D'ith siad agus d'ól siad a raibh againn, agus bhí a (: ar) ndóthain buige shíneadh ionainne len a chaitheamh aca, mar dhóigh de go raibh muid ag déanamh leas do'n tír. Mo chreach an tír!]/ Ardóchaidh mise liom é seo ar chaoi ar bith, bíodh an drámh ar a rogha duine / Ormsa a bhí an drámh faoin a dtabhairt isteach ann = milleán, locht a chialluigh sé 'sa gcás seo agus ní caillteamas [fear as Camus] / Leig tusa de'n bhun a dhul amach ach orainne atá an drámh. Caithfidh muid cur amach aríst (: airgead) / Cuid mhaith de'n drámh atá ar mhuintir na h-áite seo, 'sé a gciontsiocair féin é. Breagh nach dtigeann siad le chéile, agus fear a chur in áit eicínt a labhairfeadh ar a son, agus gan 'chuile dhuine dhá dtiocfaidh an bealach a bheith indon a mbréag-adh suas /[Nach bhfeiceann tú gurb air féin atá an drámh anois, aindeoin ar chaith sé dhá dhúracht ag déanamh diabhála (: díobhála) ar dhaoine eile. Má's feall fillfidhear, adeir siad]/ Is cuma sa diabhal céard a dhéanfas tusa ar phóilí, ach is ort fhéin a bhéas an drámh faoi dheireadh thiar thall. Shílfeá go raibh fuighleach údair ag S. seo thiar do'n phóilí ruadh, ach féach nach bhfuair sé comhaireamh na shop sa gcúirt in a dheidh sin. Aon-mhuintir amháin iad muintir Árd-Raithin,

adeir siad // Tá sé faoi dhrámh ar fad anois = faoi dhroch-mheas, faoi ráta / Ba mhór i gceist iad muintir Mh. scathamh. Ceithearnaigh a bhí ionnta, ach tá siad faoi dhrámh uilig anois / Bhí beithidhigh bheaga agus gamhna faoi dhrámh uilig (: faoi ráta), ach dar príosta bhí an-imeacht ar leath-bheithidhigh agus ar bheithidhigh reamhra. [Níor fiafruigheadh dhíom cá raibh mé ag dul amháin / Go bhféachaidh Mac Dé ort fhéin agus ar do chapall diallaid' anois. Tá siad faoi dhrámh amach agus amach ó d'fhairsingigh na busannaí. Ní fhaca mé aon-fhear ag eirghe indiallaid le mo chuimne ach P. Mh. Mh. agus shílfeá go bhfuil sé caithte in aer aige sin féin anois]/ Tá an teach ósta sin faoi dhrámh ar fad ó d'ionnsuigh an sagart ag gearradh air. Ní maith le duine ar bith a bhéal siúd a tharraint air fhéin, agus sin é an fáth a bhfuil siad ag fuireacht amach as /

Droichead (: drɛ̄d, drɛ̄həd Cois Fhairrge: drohəd, droḥəd : Camus Rosmuc agus an taobh siar): ainm-fhocal, fireann, tuiseal geineamh -nach uathaidh agus ainmneach iolraidh: droichid.
Droichid: bealach nó casán cláir, cloch nó iarainn thar abhainn nó sruth / Droichidín = droichead beag; réidh-droichead, nó droichead caol stroighin nó a leithide nach mbeadh air ach feire beag thar shruthán nó abhainn nach mbeadh mór /

An Droichead Mór = O'Briens Bridge inGaillimh / An Droichead Beag = ag Sráid Doiminic inGaillimh ar an "gcineail" / An tSráid idir dhá Dhroichead a thugas muintir na tuaithe go h-iondamhail ar an tsráid idir an Droichead Beag agus an Droichead Mór inGaillimh. Sráid Doiminic a thugas muintir na Gaillimhe uirre. Bearraic an Droichid Bhig: bhí bearraic ag sean-phóilíos Shasana in aice an Droichid Bhig in Gaillimh. Doiminick St. Barracks a thugtaí air imBéarla sílim / Droichead an Chladaigh = Wolfe Tone Bridge atá anois air. In Gaillimh atá sé / Droichead an Phríosúin: Droichead atá ar an gCoirib in aice le príosún na Gaillimhe / Droichead na mBradán = ar an "gcineail" in aice Choláiste na h-Iolscoile in Gaillimh / An Droichead nó Baile an Droichid a

thugtar go minic ar shráidbhaile an Spidéil / Droichead na gCnoc
= Droichead atá tuairim agus ceithre mhíle ó'n Spidéal ar an mbóthar
Lathaighe nó Bóthar Mhuigh Cuilinn / Droichidín an Chláir = tuairim
agus míle taobh thoir de'n Spidéal / Droichead na Fuirníse =
ar an abhainn ag scoil Chamuis / Droichead Charraig an Logáin =
fastuigheann sé oileán Leitir Móir d'oileán Gharomna // Cheann-
uigh mé i siopa idir dhá Dhroichead é (: fc. thuas Droichead Mór
agus Droichead Beag) / Tá stealla aige anois idir dhá Dhroichead /
Bhíodh sé in a chomhnaí fadó h-idir Dhá Dhroichead, ach tá sé
imighthe as le fada / Tugadh isteach sa mbeairic
a bhí idir dhá Dhroichead mé agus coinnigheadh mé go trathnóna /
Leagadh seacht n-uaire idir dhá dhroichead mé = idir dhá dhroichead
ar bhóthar áirid / Droichead cláir (adhmaid, maide) atá ann /
Droichead cloch (iarainn agus rl.) atá ann / Bhí sé istigh faoi
shúil an droichid / In a sheasamh faoi shúil bheag an droichid a
bhí sé / Bhí a uilinn leigthe isteach ar shlat an droichid
aige / Is mór an chontabhairt a dhul an droichidín beag
anois. Tá an ráille uiliog imighthe dhó (: dhe) / Shiubhailfeadh sé
ar dhroichead spioróide = droichead atá igceist i sean-scéal.
Droichead é a bhí treasna as cionn duibheacáin, agus chaithfeadh
na h-anamnachaí siubhal treasna air. Bhí sé dubh-caol agus gan
slat ná ráille air. Anamnachaí na bhfíréan amháin a bhí
indon a shrianadh go dtí an taobh thall. Sciorradh an chuid
eile uilig dhe, agus cuirtí sa duibheacán iad / Shiubhailfeadh an
diabhailín de scurach sin ar dhroichead spioróide má bhí sé indon a
dhul annsin. 'Ar ndú ní raibh tada annsin a mbéarfadh air sé ach
an fraigh eidhinn atá ar an mballa / An té a shiubhail annsin
ar chaoi ar bith shiubhailfeadh sé ar dhroichead spioróide. Nach diabhlaí
beag faitíos a bhí air? Dhá mbaintí truisle ar bith as, dhéanfaí
leiríní dhó (: de) thíos ar an leic /[Ba gheall le dhul ar dhroichead spioróide
an áit a ndeachaidh sé. Dhá mbogadh sé a ghreim chor ar bith, bhí a
chnaipe déanta. In a chuailín cnámh a gheobhthaí é. Shílfeá go mbeadh suim
in a anam aige thar agus a bheith ag dul suas ar áiteachaí de'n tsórt
sin. 'Sé an uair a bhéas duine 'na smairtíneach (: mairtíneach), agus

nach mbeadh aon-fháil aige ar a shláinte an uair a chaoinfeas sé rud de'n tsórt sin / Bhuel an té a chuaidh annsin ghabhfadh sé ar dhroichead spioróide. Diabhal cnáimh a bhí ann ach an oiread leis an seilmide. Dhá mbeadh ní fhéadfadh sé a dhul ann / Má leanaim thú anois, beidh mé do dhiaidh nó go mbeiridh mé ort dhá mbeadh orm a dhul ar dhroichead spioróide le greim a fháil ort. Mar sin 'sé mo chomhairle dhuit eirghe as in ainm Dé agus a dhul ag spochadh le duine eicínt eile]// Tá droichead do shróine gearrtha: an chuid de'n tsróin idir an cuincín agus bun an chláir éadain. Is ann a bhíos na spéacláirí leagtha ar dhuine. Tugtar droichead na smaoise air scaithtí freisin, ach gur le magadh nó droch-mheas is mó a thugtar sin air / Tá droichead a shróine briste. Is ann a fuair sé an iarraidh. Beidh liostachas fada air shul a bhéas sé chuige féin aríst / [Is beag an dochar dhó droichead na sróine a bheith leathnuighthe air, agus na h-iarrantaí céadtacha a fuair sé. Ní hí "casúirín" (: dorna) Mh. G. a bhí ag ordluigheacht air sin chor ar bith a mhic ó! / Deir siad go bhfuil droichead a shróine briste nó as áit de bharr an dornáil a fuair sé. Is olc a chuaidh an bhainis dó sin. Diabhal bréag! / Bhí sé cho maith dhuit buille d'ord ceardchan a fháil le fadhb uaidh sin. 'Bhfaca tú droichead na sróine ag S. G. in a dhiaidh? / Buailfidh mé isteach ar dhroichead na smaoise thú! / Brisfidh mé droichead do smaoise le iarraidh]/ Déanfaidh mé leathnóig de dhroichead do smaoise le maistín de dhorna. / Brisfidh mé mo chuid ailt ar dhroichead do smaoise, mara leigidh tú de do chuid clabaireacht'. Is deas an buachaill óg thú / Má fhaghaim aon-phléisc amháin ort ar dhroichead na smaoise, leagha na bhFíann ní dheasóchaidh aríst í // Nach diabhaltaí a chaithfeá droichead a dhéanamh dhíomsa = dá mbeadh rud dhá roint, agus dhá dteightí thar dhuine de'n dream a bheadh i láthair gan aon-cheo a thairiscint dó, ba shin droichead dhá dhéanamh dhe sin / Chuaidh sé tharm féin agus rinne sé droichead díom. Dheamhan deoir de'n phórtar a thairg sé dhom, th'éis go raibh sé ag cur muigín dhe ar J. Th. a bhí le mo thaobh. Cosa fuara a bhí siad a thabhairt orm féin, faoi rádh agus go ndeachaidh mé ann gan chuireadh / An gceapann tú go

bhfanfaidh mise annsin agus é sin ag déanamh droichead dhíom 'chuile uair a dteigheann sé thart ag roínt an fuisce. Diabhal baoghal orm. Ní fheicfidh siad mise le mo ló aríst in a dteach le ocáide ná le anshógh /[Níor chumaoin duit droichead a dhéanamh dhíomsa muise agus thú ag tabhairt "fags" uait. Is iomdha fag mór a thug mé dhuit ariamh … An gcuímnigheann tú nuair a bhíodh muid thuas sa L. R. anuiridh? Ach ní bhíonn cuímne ar an arán a ithtear, adeir siad]/ Ná bac leis an áit seo a stór mo chroidhe! Déantar droichead dínn igcomhnaí. Ní fhaca mé tada dhá leigean amach ariamh, a bhfuigheadh an baile seo aon-brabach air. Bheadh sé sciobtha ag an mbaile sin thoir nó ag an mbaile sin thiar. Sin é a fhearacht ag na bóithrí anois é. Tá bóthar an bhaile sin thoir dhá dhéanamh agus tá bhóthar an bhaile sin thiar dhá dhéanamh, agus níl cás ar bith imbóthar an bhaile seo, th'éis nach siubhailfeadh na gabhair é. Bhuel tá rud le déanamh leo, gan aon-bhót a thabhairt dóibh aríst go bráth /[Rinne tú droichead díomsa ach mise imbannaí nachar fhága tú thú fhéin ar deireadh. Ach deir siad "an Té a chruthuigh Neamh agus Talamh nachar fhága Sé É Féin ar deireadh".]/ Má ghníonn sé droichead de Bh. agus gan aon-chuireadh bainse a thabhairt di, reicfidh sí é. Cuirfidh sí a cháil faoi'n saoghal. Nach raibh sé cho maith dhó a h-iarraidh ar aon-nós //

Deállrachán, Deállracán, Deallracán (: bíonn an ch séimhighthe scaithtí agus ní bhíonn uaireanntaí eile): ainm-fhocal, fireann tuiseal geineamhnach uathaidh agus ainmneach iolraidh: deállracáin deallracán: an cnáimh atá isin gualainn ó mhaol na gualann go dtí uachtar an chliabhraigh in aice le logán an mhuiníl.

Deir siad go bhfuil a dheallracán briste. Sin é a fuair an iarraidh. Má tá indán agus go bhfuil tá a chuid maitheasa ar iarraidh, agus ní hé a d'fheilfeadh dhá áilín lag lúbach /[Nuair a chaith mé dhíom an crann d'airigh mé gíascán in mo ghualainn agus thiubh-arfainn an leabhar go raibh mo dheallrachán briste. Chaith mé trí nó ceathair de laetheanta dhá fhuasaoid, ach dheamhan blas a bhí air in a dheidh sin féin]/

Domhnach (: dū:nəx): Ainm-fhocal, fireann, tuiseal geineamhnach uathaidh : Domhnaigh (dū:nī Achréidh: dū:nə taobh-thiar de Ghaillimh); ainmneach iolraidh: Domhnaighe (: dū:nī) taobh thiar de Ghaillimh: Domhantaí (: dū:ɴtī) Achréidh.

An Domhnach: Dia Domhnaigh (: d ʼ ɛ̄ dū:nə). (i) an chéad lá de'n tseachtain; lá an Tighearna. (ii) Dia. (iii) cill nó séipéal.

Seo cuid de na Domhnaigh a gcuirtear cronuighe ar leith ionnta ar feadh na bliana: Domhnach an Phuis nó Domhnach na Smut nó Domhnach Inide = an chéad Domhnach de'n Charghaos. Bíonn pus nó smut ar na mná a fhágtar gan pósadh an Domhnach sin [Domhnach na Smut nó Domhnach Inide: Rosmuc, Cárna, Dúithche Sheoigeach. Domhnach an Phuis: Cois Fhairrge); Domhnach an Iubhair: An Domhnach roimh Dhomh -nach Cásca. Roinntear an t-iubhar an Domhnach sin; Domhnach Cásc nó Domhnach Cásca: cothrom lae aiseirghthe Chríosta; Domhnach Geal-Chásc: an Domhnach indiaidh Domhnach Cásca (Achréidh); Domhnach Cincíse: Whit Sunday; Domhnach Chrom Dubh (: taobh thiar de Ghaillimh), nó Domhnach na bhFear (Achréidh), nó Domhnach na Cruaiche: an Domh-nach deireadh de mhí an Iúil. An lá sin a bhíos an turas go Cruach Phádraig. Ní fíor do'n Mháilleach san mBéal Beo é (l. 20) nuair adeir sé gur Domhnach na Cruaiche is mó a thugtar anois air. Domhnach Chrom Dubh atá fós air is an gcuid is mó de'n Ghaedhealtacht taobh thiar de Ghaillimh, agus Domhnach na bhFear taobh thoir; Domhnach na Mart : an Domhnach roimh lá Fheil Mártan. Bíonn na mairt marbh nó dhá marbhú le h-aghaidh na Féile Mártan an lá sin; Domhnach na bPutóg: seachtain roimh an Nodlaic / "Domhnach Chrom Dubh, lá na Móna agus Lá Fheil Muire Mór thall sa bhFoghmhar: trí lá a bhfaghann an bodach a sháith le n-ithe": deirtear é seo / Sé an Domh-nach seo chugainn; Domhnach an Iúbhair (Domhnach Chrom Dubh, Domhnach an Smuit agus rl.) / Gheobhaidh tú do dhóthain gugaí (: uibheachaí) an Domhnach seo chugainn: Domhnach Chásc. Tuige nach mbeadh prachógaí agaibh mar a bhíodh againne fadó. Bhíodh muid dhá gcruinneál (: uibheachaí) ar feadh coicíse roimh-ré / Beidh dalladh feola ann Dé Domhnaigh seo chugainn: Domhnach na Mart / Tá sí ag cur pus uirre féin cheana. Ach

nach hé an Domhnach seo chugainn Domhnach an Phuis. Codlóchaidh sí léithe féin bliain eile dar fiadh! / Soiscéal Dhomhnach an Iubhair an soiscéal is fuide sa mbliain agus soiscéal lá Nodlag an soiscéal is girre / Ní bheidh aon-fhata nua ionn imbliana go dtí Domhnach na bhFear má bhíonn siad an uair sin fhéin ionn / Cá'id uait Domhnach Chrom Dubh? An rachaidh tú ar an gCruaich imbliana? / Domhnach na bhFear nach h-eadh a bhíos turas na Cruaiche ionn? / Coicís ó'n Domhnach seo (gha)bh thart a bhéas sé ann /[Mí go Domhnach seo chugainn ó a bhí mé ann / Beidh an lá ambáireach mar an Domhnach againn = in a shaoire / Bíonn 'chuile lá mar an Domhnach agadsa bail ó Dhia ort. Nach beag atá ar t'aire / Domhnach é 'chuile lá sa tseachtain aige siúd. Bíonn sé in a chomhnaí dólúm / Is fada uait an Domhnach fós le bheith ag cuimhniú air sin / Is truagh ghéar nach hé an Domhnach é go bhfaghadh sib cead imeacht agus gan na daoine a bheith meáruighthe agaibh mar atá / Déanfaidh mé é as seo go Domhnach / Níl mórán Domhnach sa mbliain nach dtigeann sé ar cuairt chugainn]/ Is ann a chaitheas sé na Domh -antaí (Domhnaigh) uilig / Is annamh a theigheas sí ag an Aifreann anois: corr-Dhomhnach / Fan agus buailfidh mé siar Dia Domhnaigh bheag seo (an Domhnach seo chugainn; Dé Domhnaigh seo chugainn) / Is iomdha Dé Domhnaigh (: is iomdha Domhnach, is mó adeirtear) nach n-eirigheann sé chor ar bith / Ní bhíonn an t-ádh indiaidh obair an Domhnaigh. Cé'n chaoi a mbeadh / [Domhnach a bhí ann, agus bhí mé ag leigean mo scíthe, agus ag tabhairt sraith de mo cholainn ar an leabaidh / Bíonn céilí ann 'chuile oíche Dhomhnaigh beo / Ní leigfeadh sé de'n obair Domhnaigh féin pé'r bith cé'n bheith atá air]/ Cheal nach bhfuightheá uair ar bith l'aghaidh do chuid gráiscínteacht' nó go dtosuighidh tú uirre i lár an Domhnaigh thall. Diabhal a leithide de chaoi! / "Pósadh Domhnaigh: pósadh brónach" = ní bhíonn an t-ádh ar phósadh an Domhnaigh / Is olc an lá a bhfuil sé ag pósadh. Chuala mé ariamh go raibh geis ar an Domhnach. "Pósadh Domhnaigh" adeir siad, "pósadh brónach" / Pós do rogha lá ach ná pós ar an Domhnach. Ar chuala tú ariamh é: "Pósadh Domhnaigh, pósadh brónach" / Níl innte ach cailín Domhnaigh = cailín a bhíos gléasta 'chuile lá de'n tseachtain

mar a bhíos sí Dé Domhnaigh = cailín galánta beag-mhaitheasach / Ná pós cailín Domhnaigh / Ná sanntuigh caora an Fhoghmhair agus ná pós an cailín Domhnaigh = sean-chomhairle; an chaora a bhíos reamhruighthe sa bhFóghmhar, is dóichide di a cailleadh sa ngeimhreadh nó 'san Earrach / [Cailín Domhnaigh í a mhic ó! Ná sanntuigh caora an Fhoghmhair agus ná pós an cailín Domhnaigh, adeir siad / Tá 'chaon ceann aca fabhtach: caora an Fhoghmhair agus an cailín Domhnaigh. Ná bíodh aon phlé ag duine leo. 'Sé ráidhte na sean-daoine é / Séard atá sa gceann is óige cailín Domhnaigh críochnuighthe. Ní dhéanann sí faice ach dhá gléas agus dhá feistiú féin / Go bhféachaidh Dia ort! Ní mná talmhuidhthe iad sin, ach cailíní Domhnaigh. Dhá leagthá scatháin agus boscaí púdair aca, ba é a mbuac é. Is cam a bhreathnóchaidís ort déarfainn dhá n-iarrthá orra a dhul ag tarraint fheamainn dearg len a ndruim / M'anam muise gurb shin é an áit a bhfuil an mearbhal ortsa. Ní cailín Domhnaigh chor ar bith í, ach togha oibridhe. Dhá bhfeictheá í sin amuigh ag scaradh aoiligh nó ag tarraint fhraoigh nó ag scaradh móna, is fada go n-abróchthá é sin léithe]/ Bean Domhnaigh = ainm muirne ar bhó / Bean Domhnaigh! Bean Domhnaigh! Bean Domhnaigh cá'il tú? [Tabhair faoi deara an fuaim annseo: dū:nī. 'Sé a bhíos ag daoine a mbeadh dū:nə in a thuiseal gheineamhnach aca ar Dhomhnach] / Bhí an-bhó againn annseo fadó. Bean Domhnaigh a bhí uirre. Diabhal mé go mbíodh bainne dhá cheann aice, go dtí seachtain shul a bheireadh sí. Dhíol mé í le P. R. annsin thoir, agus níor mhair sí an bhliain féin. Ach ba bheag an dochar di. Ní bhfuair sí aon-tógáil uaidh /[Ar chuala tú fear Chonamara ag imeacht ar na cnocáin annsin siar ag fuagairt bean Domhnaigh indiaidh na bó. Diabhal asna dhíom féin agus d'A. nachar lean siar é, agus chuaidh muid isteach sa gcaracán mór agus thosuigh muid féin ag fuagairt bean Domhnaigh. Tá an-mhacalla — an-fhuaim — annsin, agus ní raibh áit ar bith siar annsin nach gcloisfeá bean Domhnaigh]/ Is olc é biseach an Domhnaigh = deirtear má bhíonn duine go dona tinn, nach dteigheann sé go maith dhó biseach a theacht air, Dé Domhnaigh, thar aon-lá / Tús Aoine agus Deireadh Sathairn. Tá an Aoine in aghaidh na seachtaine. Lomadh Luain agus bearradh Céadaoine. Biseach an Domhnaigh

agus árdú na Céadaoine. Día Luain soir agus Máirt siar, agus tá an Diardaoin sonaí soir nó siar: anois a bhfuil aon -cheann eile aca agad. Bhí siad sin ann ar fad roimhe seo, ach tá siad caithte in aer anois /[Ní mholfaí biseach an Domhnaigh muis. Ach dheamhan sa méid sin ach caint. / B'fhuras -ta aithinte, agus biseach an Domhnaigh a theacht air, go mba gearr é a shaoghal]/ Biseach an Domhnaigh agus árdú na Céadaoin -e, agus ní raibh snig in a chluais maidin Dé h-Aoine. Nach gearr an "battle" sin a thug sé sin / Ní thiubharfainnse áird ar bith ar an gcomhrádh sin. Nach h-aon-chás amháin dó lá ar bith a bhfuighidh sé biseach. B'fhéidir le congnamh Dé go srianfadh sé as / Ní raibh sé ag Aifreann an Domhnaigh le bliain /[Is olc an rud fanacht ó Aifreann an Domhnaigh / Ní fhéadaim a dhul ag Aifreann an Domhnaigh, ní áirighim a mhalrait]/ Ní dóighide an Cháisc ar an Domhnach nó tiocfaidh sé indiu = is cinnte go dtiocfaidh sé indiu: bíonn an Cháisc ar an Domhnach i gcomhnaí / M'anam nach dóighide an Cháisc ar an Domhnach ná é. Cé'n bhrigh ach gan luach leithphighne faoi réir againn / Crap an ghlaicín fhéir sin. Ní dóighide an Cháisc ar an Domhnach nó feicfidh tú báisteach roimh mhaidin / [Ó a dhiabhail áluinn! Ní dóighide an Cháisc ar an Domhnach nó 'sí an bhó se'againne atá ann. Amachaighidh lib cho tréan in Éirinn agus atá in u (: bhur) gcosa. Má bheireann sé siúd uirre sa gcur, bascfaidh sé í / Níor dhóichide an Cháisc ar an Domhnach nó sin é a dhéanfadh sé, ach níor fhéad sé a dhul ann. Dar fiadh dhá bhféadadh d'fheicfeá spraoi / Cuirfidh mise geall leatsa nach dóighide an Cháisc ar an Domhnach nó go leigfear amach saor slán é sin. Ara níl áird ar bith ar choir de'n tsórt sin annseo. Ach mise imbannaí, gur maith gasta a chuirfí cupla bliain ar fhear bhocht, agus gan míllteanas ar bith déanta aige / Pósfaidh sé sin anois í. Ní dóigh an Cháisc ar an Domhnach ná é. Tá sé saghdtha anoir annseo anois, faoi gur chinn sé air aon-bhean a fháil thoir. Agus ní taise dise é: tá sé cínnt uirre aon-fhear a fháil i bhfus. Is maith 'un a chéile iad]/ Dia agus Muire agus an Domhnach duit = ceann de na freagraí atá ar "Dia dhuit" nó "mbeannuighidh Dia dhuit" / Go mbeannuighidh Dia agus

Muire agus an Domhnach dhuit féin / Sin é a bhíos ag S. Ph. i gcomhnaí nuair a bheannuigheas duine dhó. "Dia agus Muire agus an Domhnach dhuit" adéarfas sé / InDomhnach chreidim go bhfuil = mion-fhocal dearbhthuighthe = dar fiadh nó dar príosta, ach níl sé cho spreacamhail le ceachtar aca sin / InDomhnach ní fhaca mise le seachtain é, agus níl a fhios agam céard is cor dó / Is dóigh go ndéanfaidh, i nDomhnach. Ach d'eile céard a dhéanfadh sé / InDomhnach, is olc an aimsir í, ní ag ceasacht ar Dhia é! /[Is olc an cheird atá air, inDomhnach: ag déanamh dícheannadh de'n tsórt sin ar an duine bocht sin / Is tú atá goirgeach inDomhnach. Glac go réidh thú féin. Níor thuill muid do chuid ropaireacht' chor ar bith uait / InDomhnach muise, is maith an scathamh aríst go bhfeicidh tú mise ag briseadh leicín an doichill aige / InDomhnach féin, is orraibh atá an guairdeall thimpeall a iothlann. Fág -aighidh mar sin é féin agus a iothlainn / InDomhnach féin, ba chóra dhuit ciall a bheith agad, agus gan a bheith ag spochadh leis an ainnle bhradach sin. Níl a fhios agam cé agaibh is measa: thusa nó an páiste / InDomhnach féin is beag an dochar duit náire a bheith ort ag caitheamh a leithide de chaint. Nach bhfuil a fhios agad go maith gurb shin dearg-bhréag. Ní tada eile é]/ InDomhnach féin muise ní bhfuighir! Má bhíonn tú d'fhuireasbhaidh airgid go dtugaidh mise dhuit é, is fada a bhéas tú dhá fhuireasbhaidh / InDomhnach fhéin muise, is furasta leis laeth-antaí a fháil in aisce! Níl sé fhéin cho maith sin faoin a chongnamh lá na cruadhóige /

"Impighim ar an Domhnach, maran beo mé ach mí
Seal fada a bheith ag gabháil leat ar chóstaí Árd-Fhraoigh" (: as amhrán a thosuigheas: "Déanfaidh mé caisleán ar Chnocáinín Árd"). Teag-ann Domhnach isteach mar seo in amhráin scaithtí, agus Dia a bhíos i gceist / Domhnach Pádraig = roillig in aice Áth Cinn = séipéal nó teampall Pádraig. Níl an chiall sin i gcaint / Iarraim ar Rí an Domhnaigh cabhair agus congnamh a thabhairt duinn, agus muid a thabhairt slán ó anachain na bliana = Dia. Tá caint ar "Thobar Rí an Domhnaigh" in "Altú an Tobach" /

Dálach = ainm-fhocal = lá de'n tseachtain, nó lá thar an Domhnach is cosamhail. Níl sé ach sa leagan "Domhnach agus dálach."

Ná déan é sin Domhnach ná dálach ach an oiread le chéile = lá ar bith, is cuma cé'n lá é /[Bíonn siad ag obair i Sasana anois Domhnach agus Dálach. Tá an t-an-deifir orra nó go gcriogaidh siad an Gearmánach / Go dtugaidh Dia ciall duit a mhic ó mo chroidhe. Leath na n-Éireannaigh atá i Sasana, ní bhíonn a fhios aca Domhnach thar Dálach, mar ní hé an Domhnach a bhíos ag cur imní orra / Dheamhan a fhios aige siúd an Domhnach nó dálach é, ach a bheith ag tirtheáil leis mar siúd. Eiriceach ceart é, ní dhá roint leis é / Is cuma leis Domhnach thar Dhálach má fhághann sé trácht in a shiopa. Sin é a bhfuil de Dhia aige sin]/ Bíonn siad annseo Domhnach agus Dálach. Tá muid sáruighthe aca. Níl neart ag duine a bhéilí a ithe nach ag breathnú isteach 'sa bpus ort a bhéas siad / Bím ar bóthar Domhnach agus dálach léar (: de réir) mar a fhaghaim glaodhach. Níl aon-scíth indán domsa /[Diabhal mé gur suarach an t-iongnadh go mbeadh an dochtúr sin amscaidhe féin ag imeacht, agus a bhfaghann sé de ghlaodhach. Tá sé ar a chois Domhnach agus dálach / Sin í a cheird sin — ag gróigeadh móna — Domhnach agus dálach. 'Sé an fear is antlásaighe annseo anois é / Bhí mise in áit agus ní aithneochthá an Domhnach thar an dálach ann. Maidir le go raibh suim sa Domhnach, dheamhan a bhaladh!]/ Níl lá ar bith is mó súnás oibre é ná an Domhnach. B'fhéidir gur in a chodladh a d'fheicfeá é ar an dálach /

Doirb, Doirg: aidiacht: mí-fhoigdeach, beo-phianta, ar bís, francuighthe. [Chuala mé doirb i Rosmuc (Camus), ach doirg a chuala mé i gCois -Fairrge. Thiocfadh don fhocal "goirg", "goirgeach" gurb é an focal céadna é. Fc. goirgeach.]

Nach doirg an mhaise dhuit é. Bíodh foighid agad, bíodh sin. Níl mé féin réidh fós leis / Nach doirg a labhair sé! Shílfeá nach raibh breith ar bith ar an gclaidhe a thógáil. Díol cam ar an tsean-leic chéadna aige! Nach hí an éadáil í / Tá an sagart sin an-doirg. Mara mbeidh an rud de rith agus de léim aige, is maith éascaidh leis a dhul ag cur a chosa uaidh / Ní raibh call ar bith dhó a bheith cho doirg sin. Gheobhadh sé é, dhá mbeadh sé ann, agus ó thárla nach raibh, ní bhfuair /

Droch- = réimmír = codarsna deá; go dona go h-olc, go dalba, go suarach, ain (réimmír), mí-; dubh-; "bocht"; cráite (le ainm-fhocal, aidiacht nó aidiacht-bhriathar) [Tá sé rí-choitianta igcaint; i bhfad níos coitianta aríst i nGaillimh ná "deá". Ní theagann "deá" isteach san gcaint go minic ach len a chur ar ghualainn "droch". Níl annseo síos ach somplaí anonn agus anall dhe]

Droch-bhodach é = fear olc mioscaiseach / Ná bíodh dréim ar bith agad leis. Is droch-bhodach é / Níl ann ach droch-dhuine = duine a mbeadh donacht nó mí-mhaith ann; duine fealltach / Ná teirigh thusa ag déanamh droch-dhuine dhíot féin ingeáll ar bheagán = dá mbeadh airgead dhá chruinniú, cuirim i gcás le h-aghaidh rud eicínt, agus nach mbeadh aon-fhonn ar dhuine scaradh le tada, ach go leagfaí air go raibh sé míonósach nó gortach nó tuatach nó in aghaidh lucht an airgid dhá n-eitíodh sé iad / Níorbh fhiú dhó a dhul ag déanamh droch-dhuine dhó (dhe) féin, scáth ar h-iarradh air. Agus ar aon-chor, bheadh a chuid agus a bhuíochas aige faoi dheireadh thiar thall /[Níor cheart dó droch-dhuine a dhéanamh dhó (dhe) féin scáth a raibh air a chailleadh leis / Droch-pheata é = duine olc feargach / Droch-bhuachaill é, deirimse leat = droch-dhuine, droch-bhodach / Droch-shleádóir é (Droch-thuíodóir, droch-spealadóir, droch-mharcach, droch-churachóir, droch-thalmhaí, droch-cheannachóir, droch-sclábhaí, droch-fhear tí, droch-fhear talmhana, droch-fhear capaill, droch-fhear curaighe, droch-fhear láidhe, droch-fhear óil (= (i) gortach ag glaoch óil. (ii) gan aon-acmhuinn óil aige), droch-fhear siamsa (= gan acmhuinn siamsa aige; gan aon-taithneamh aige i siamsa), droch-fhear ceóil (: gan aon spéis igceol; gan aon-mhaith leis ag casadh nó ag seinm cheóil), droch-fhear siúil, droch-fhear damhsa, droch-fhear feamainne (: gan aon-tsaint i bhfeamainn, nó é ag dona ar fháiteall na feamainne), droch-fhear Gaillimhe (: fear nach mbeadh aon-rath air le cur go Gaillimh ag iarraidh teachtaireachta; [fear nach mbeadh aon-rath air ag dul ag caraeracht go Gaillimh), droch-fhear cladaigh (: gan aon-mhaith leis i gcladach, idtráigh fheamainne agus rl.), droch-fhear tórraíochaí (: ní bheadh aon-luighe aige le dhul ar thorraíochaí), droch-fhear bleáin (: gan aon-chúis ag bleán bheitheach), droch-fhear amhráin (: gan aon-mhaith ag gabhail fhuínn), droch-bhean scéalta (: gan buadh na

scéalaíochta; gan í a bheith tugtharach do bhiadán ná do coiriúint), droch-diabhal (droch-dhuine, anduine), droch-bithiúnach, droch-bhastard, droch-ghadaí (: (i) fear nach mbeadh aon-ghaisce air ag gadaíocht; a dhéan-fadh an ghadaíocht cho maoilscríobach agus go mbraithfí ar an toirt é.] (ii) droch-dhuine, "diabhal", bithiúnach, fealladóir etc. Tá ciall a (ii) coitianta. Ní h-ionann béim do "dhroch" in (i) agus (ii). Is mó béim a bhíos ar "dhroch" in (i) ná in (ii) cé nach mbíonn an tsain-bhéim air annsin féin, ach bíonn barróg na teangan níos fuide air.
D'aithneóchthá an dá chéill thar a chéile mar sin. Is amhla freisin é i gcás: droch-chneámhaire = cneamhaire nach mbeadh a ceird aige, agus droch-chneamhaire = dearg-chneámhaire, droch-dhruncaera agus a leithidí eile); droch-fhear ban (: droch-fhear spallaíochta); droch-fhear leabthan (: mochóireach maith, nó duine beag-chodlatach) droch-fhear garraí (: talmhaí beag-mhaitheasach), droch-fhear tí agus urláir, droch-bhean aráin agus abhrais (: droch-bhean tí), droch -fhear cumadóireachta (: gan aon-mhaith leis ag cur craicinn ar mhion-bhréaga; ach droch-chumadóir = (i) bréagadóir paiteanta nó (ii) gan rath gan ríocht ag cumadh. Fc. droch-ghadaí thuas); droch-fhear Aifrinn (: faillitheach ag dul chuig an Aifreann); droch-fhear aonaigh (: go dona ag díol agus ag ceannacht); droch-fhear claidheachaí (: fear nach mbiorródh a chuid claidheachaí); droch-fhear coinnleóireacht' (: nach mbeadh aon-mhaith leis ag coinnleóireacht); droch-fhear iomra; [droch-fhear fairrge (: droch-bhádóir); droch-fhear cleamhnais (gan aon-mhaith ag déanamh cleamhnais, nó ag téisclim i gcomhair cleamh -nais); droch-fhear capaill (: fear agus gan aon-chúis leis ag cinnireacht nó ag baint ceart de chapall); droch-fhear rástaí (: nach mbeadh aon-tóir aige a dhul ar rástaí); droch-fhear páipéir nuaíocht (: fear nach mbeadh aon-ghnatha aige do pháipéir nuaíocht; nach mbeadh indon a léite; nó nach mbeadh indon aon-mheabhair a bhaint asta); droch-fhear cuartaíochta (: nach mbeadh aon-luiteamas aige le cuartaíocht, nó a mbeifí ag magadh faoi idteach cuartaíochta agus rl.); droch-fear feóla (: nach mbeadh tóiriúil ar fheoil); droch-fhear ragairne (: nach mbeadh aon-acmhuinn aige ar ragairne) agus rl.]/ Droch-cheólán é (droch-cothaíodóir achrainn, droch-"ghiota", droch-staic,

droch-bhreastaire, droch-chathaíodóir, droch-scaibhtéara, droch-bhacach, droch-chonús, droch-mhallaíodóir, droch-aingeal, droch-sceannad -óir, droch-bhrútaí, droch-splíota, droch-ruifíneach, droch-mhíoladóir, droch-throdaí, droch-nimheadóir, droch-ghéaradóir) agus rl. = ainmneachaí ar lucht achrainn nó lucht bhrostuithe nó dhéanta achrainn / Droch-chuartaí é ((i) duine a bheadh go dona ag tóraíocht nó (ii) duine nach mbeadh luiteach nó tóiriúil ar chuartaíocht) / Droch-thomhaisí atá ionnad = bad guesser, bad riddle-solver / Is droch-thóraí thú = go dona ag tóraíocht rud / droch-fhuilinní é Pádraig (: fuilingí) = níl aon-fhuilint (ar theas) aige / Droch-fhátallaí (faiteallaí freisin) é / Droch-amhránach í / Droch-chliamhaineachaí atá aige = níl aon-rath orra = níl siad láidir saibhir ionnasach agus rl. /[Droch-chantalóir é seo istigh / Ba droch-smuitín -each é go ndéanaidh Dia grásta air / Droch-threóraí tú / Sin é féin an droch-stainníneach / Sin é féin an droch-roitiallach (: réatiallach) / Droch-cheann tí é gan bhréig gan mhagadh / Droch-mhaistín é le theacht in a línn (: líon?) / Is droch-chullach é / Is droch-scéiméara fir é / Is droch-laisceach mná í / Tá droch-ealadhantóir de mhac aige / Is droch-rúisc de bhean atá aige / Tá droch-stuineachán de phóilí annsin thoir anois / Tá droch-strachaille d'inghin aige [tá ráití mar seo an-choitianta] / Tá droch-chois agam = cois thinn, ghor-tuithe, lottha / Tá droch-bhúistiún de láimh orm / Tá droch-speireach orm / Tá droch-liag in mo mhuineál / Bhí droch-mheall ar mo leiceann anuiridh / Tá droch-ghalra air = tinneas ar bith a bheadh go dona / Tá droch-thinneas ar an mbaile seo thiar = (droch-) aicíd = tinneas tógálach ar nós fiabhrais nó a leithide / Cá'id an droch-chasacht sin ort / Tholg mé droch-shlaghdán ann / Fuair mé droch-leagan den chapall / Shíl sé droch-iarraidh a thabhairt dom / Fhobair mé droch-bhuille a fháil / Gheobhainn droch-sceannadh óna Flaitheartaí marach na póilíos a theacht / Bíonn droch-strachailleacht ar an té atá igcleithiúnas fátall na fairrge]/ Thug tú droch-spidiúlacht dó / Fuair mé droch-phionós ón láimh sin / Tiúrfaidh mé "sweets" sin droch-dhoigheachaí dhuit as a dheireadh / Is droch-phian í an dógh bhuilg / Thug sé droch-chartadh don cheannaí (mála) / Tá droch-bhriseadh ar a chois / Is droch-ghearradh é sin ort / Tá an-droch-lot ort (fíor-droch-lot, rí-dhroch-

lot ort / Tá droch-stad ann (droch-bhriotaíl etc) / Tá droch-dhéanamh ar an leath sin / Thug sé droch-chur ar an tuí / Is droch-thabhairt é = droch aistir le dhul air / Droch-bhaint atá ar an bhféar sin / Ní raibh agam air ach droch-fheiceál / Thug tú droch-chaitheamh ar na bróga sin / Is droch-ithe an iomarca de na fataí sin / Níl ar an asal sin amuigh ach droch-choinneál = droch-chuibhriú, droch-cheangal /[Ní fhéadfaidh tú a thabhairt ar an iasc ach droch-shailleadh. Níl do dhóthain salainn agad / Níl ar an móin siúd ach droch-thriomach / Níl ar an gcimín sin thoir ach droch-ithe, agus ní dhrannfaidh siad leis in a dheidh sin = níl sé creinnte ná baol air ag na beithigh, agus in a dheidh sin, níl siad sásta ann / Ní bhíonn air ach droch-bhearradh i gcomhnaí. Ceó ar bith ach go mbaineann sé an bárr marbh di / Fuair sé droch-bhualadh = bualadh thar cíonn / Tá droch-stiúir air / Rinne siad droch-sheasamh as a dheireadh (= na Gearmanaí) / Is fhearr rith maith ná droch-sheasamh = sean-fhocal / Níl sé a fháil ach droch-chothú = droch-bheatha, tógáil / Deághealladh: droch choimhlíonadh (fc. deá) / Níl faoi ach droch-ghealladh = níl aon-deághealladh faoi = is droch-údar é (fc. deá-, deá-ghealladh) / Thug sí droch-sciolladh air]// Thug sé droch-chor dó féin = rinne sé dubhní air féin = bháith sé, mharaigh sé agus rl. é féin / Sé'n chaoi a mbeidh sé aige sin as a dheireadh: tiúrfaidh sé droch-chor dó féin 'sábhálaidh Dia sinn / Níl léamh ar bith ar an mbean atá aige. Tá na seacht ndiabhail uirre. Mara gcuire sí faoi ndeara dhó droch-chor a thabhairt dó féin as a dheireadh, tá an scéal ceart / Tháinic saochan céille air agus shíl sé droch-chor a thabhairt dó féin marach a luas agus a tapaíodh é / Tá 'chuile ní ceart ach é sin: duine ag tabhairt droch-chor dó fhéin. D'agródh Dia ar dhuine é cuimniú amháin ar sin gan trácht ar a athrú /[Teirigh agus tabhair droch-chor duit féin más breá leat sin. Dar fiadh muis, ní bhacfar annseo thú. Ní hé a mhalrait de chosúlacht atá ort ar aon-chor / Is dalba an peaca é sin i láthair Dé: droch-chor a thabhairt duit fhéin. An té a ghníos é sin deir siad nach mbíonn slánú in a chionn, nar ba lúidire an trócaire ar Dhia!]// Tá droch-chaoi air (droch-bhail, droch-riocht, droch-chruth, droch-ordú agus rl.) /

Chuir mé droch-bhail críochnuithe air / Nach hé a chuir an droch-bhail ort: gan bonn bán a fhágáil ort / Cuireadh droch-chumaoin thiar air = sí an droch-chumaoin a cuireadh thiar air = níor caitheadh leis ach go dona / 'Ar ndú níor cuireadh aon-droch-chumaoin ort fós fhéin annseo = ní bhfuair tú aon-ghreim tur uainne fós / Ná tabhair droch-chomhlódar faoi deara dhuit fhéin mar sin / Bhí mé i ndroch-chuideachta anocht / Níl aon-droch-mhisneach air (aige) fós = duine a bheadh go dona tinn, agus contúirt bháis air, ach nach sílfeadh sé féin sin; duine a mbeadh dóchas aige / Ná teagadh aon-droch-mhisneach ort. Ní túisce craiceann na seanchaorach ar an bhfraigh ná craiceann na caorach óige / Droch-eallach é sin (droch-ailím) = droch-dhuine / Droch-earradh é an slaghdán /[Thug sé droch-úsáide dó fhéin = rinne sé éagcóir air féin; oibriú ro-chruadh; a bheith amuigh faoi amlua nó ar ragairne, ól agus rl. / Tá droch-intinn aige sin = tá sé go h-olc; dhonódh sé thú as taghd agus rl. / Droch-chroí a rinne dhó é = a bheith go h-olc, éadmhar agus rl. / Sin droch-rud = droch-thinneas, droch-phian, droch-ní a dhéanamh as bealach agus rl. / Nach maith gurb é an droch-rud adéarfas sé i gcomhnaí faoi chuile dhuine / Is diabhlaí a chuimhníos tú i gcomhnaí ar an droch-rud / Is droch-ghníomh é sin, ní dhá roint leis é / Rinne sé droch-mhístáid. Tá an chathaoir briste aige / Thug sé droch-chomhairle dhuit / Thug tú áird ar dhroch-chomhairle]/ Ní droch-chomhairleach go dtí an t-ól = déanann duine droch-rudaí as ól / Rinne mé droch-chodladh aréir = codladh corrach / Droch-dhíolaí é (fc. díolaí) / Tháinig tú ar na drochóirí duit fhéin (fc. drochóirí) / Thug sé droch-dhíol air = d'ith sé agus liobair sé é; thug sé an teanga dhó / Thug sé droch-dhíol cainte orm (: fc. díol) / Tá droch-bhéal air = duine a bheadh ag eascainí nó ag gáirsiúlacht; duine bréagach; duine a liobródh thú / Leig dhó sin ar fad. Tá droch-bhéal aige /[Tá droch-theanga aice (: droch-bhéal) / Is deacair a theacht ón té a bhfuil an droch-theanga aice / Thug sé droch-liobairt (droch-ghearradh, droch-sciolladh; droch-ithe agus rl.) orm / Droch-chaint uiliog é = níl tada eile aige ach droch-chaint / Tá droch-chliú (droch-cháil, droch-ainm) air / Droch-thráth dhuit é seo a theacht ag iarraidh móna. Tá sí díolta ag chuile dhuine anois / Níl agam ach droch-ghoile = gan mórán fonn ithte]/ Tá droch-anáil agad = baladh a bheith uirre / Níor chuala tú ariamh aige ach an droch-fhocal dá comharsa =

Ní mholann sé a chomharsa / Tá droch-fhocla aige = focla gáirsiúla / Tá droch-bhraon ann = an braoinín salach = droch-cháilíocht eicínt is dual dó (olc, feall, gangaid, aicís agus rl.) / Tá an droch-bhraon is chuile dhuine ar an bhfeáin aca sin / Tá an droch-fháisc (éisc, an droch-éisc freisin) ann = tá an droch-fháisc istigh = mí-rún nó feall, nó droch-bhraon a bheith induine, cé go mb'fhéidir nach leigfeadh sé amach é nó go dteanntaí leis / Tá sé síodúil go leor mar sin ach tá an droch-fháisc istigh in a dheidh sin / Tá an droch-ábhar san lot fós = máthair an droch-ábhair nó máthair an ghuir /[Tá droch-bharúil agam den aimsir anois, ó thárla nachar eirigh sí as leis an ngealaigh nua / Ní fhéadfadh barúil ar bith a bheith ag duine ach droch-bharúil den tsaol atá ann anois / Rugadh é bliain an droch-shaoil (: 1847) [Tugtar an droch-shaol go minic ar an nGorta, ach cé nach bhfuil an bhéim ar "dhroch-", tá barróg ar an gcaint ann nach bhfuil i "droch-shaol" mar ainm coitianta] / Cáidó 'bhí an Droch-Shaol ann?]/ Aimsir an Droch-Shaoil a thárla sé sin / Níl scéal ar bith agam ach droch-scéal / 'Ar ndú' níl aon-droch-scéal agad? = faoi dhuine a bheadh tinn; faoi rud eicínt a bhí tú a iarraidh agus rl. / Is mór is fiú gan aon-droch-scéal buíochas le Dia! = [Beirt ag castáil dhá chéile, agus déarfadh duine aca nach raibh aon-scéal aige in a fhreagra ar "cén scéal". Annsin dhéarfadh an duine eile: "is mór is fiú agus rl."] / Deir siad nach feárr deáscéal(aí) í dtír ná droch-scéal(aí) = ní theagann síon idtír nach fearrde duine eicínt í = más olc maith rud, buachann duine eicínt air, aindeoin daoine eile a bheith síos leis / Is minic leis an droch-scéal a bheith aige, ach an oiread le duine = droch-bharra nuaíochta a bhíos i gcomhnaí aige /[Chuir sé droch-bhréag orm / Tá droch-urchar agad (= níl urchar díreach agad) / Tá droch-iarraidh (droch-bhuille, droch-dhorna, droch-chic, droch-ghreim, droch-chlabhta) aige = iarraidh í a ghortódh thú (go fiú agus dhá mbeadh sé gan a tabhairt duit ach as magadh féin) / Tá droch-ghníomh aige (: níl sé go maith ag cur gníomh ar chruach mhóna)]/ Tá droch-sceimhil (: ag déanamh cruach choirce) aige / Tá droch-fhaobhar agad (: gan a bheith indon speal, rásúr, scian, ná eile a ghéarú go maith / Faobhar a bhaineas féar adeir an Chailleach Bhéara. Is gearr a sheasfá-sa di. Tá droch-fhaobhar críochnuithe agad / Tá droch-bhuille iomra agad (i gcuraigh etc.) / Is droch-bheatha í

í sin ag sclábhaí. Diabhal níos measa! / Droch-rath an diabhail uirre agad nach gcaitheann uait í = eascainí / Droch-rath air le rud a dhéanamh! / Droch-rath go deó ort! Breá nachar bhuail tú é! Ach ní bhuailfeá. Ní raibh sé de rath ort / Droch-rath aige air mar asal, marab aige atá an ghaisce as! Ní fheiceann muide maith ar bith air thar asal ar bith eile / Chuaigh droch-rath ar an airgead, ar an dá luath agus a bhfuair an t-athair bás = caitheadh nó diomallaíodh go dona é /[Sin é an chaoi a gcuireann sé droch-rath ar a chuid fataí chuile bhliain: a bhfágáil amuigh sna puill nó go lobhann siad / Droch-bhean í. Ní tada eile í / Tá droch-dhath air = droch-shnua, nó droch-ghné nó droch-ghothadh / Tá droch-staid ar an mbaile seo anois = droch-chaoi, anchaoi / Fíor-dhroch-lá é / Ní tada eile í ó dúirt tú é ach droch-aimsir / Droch-sheachtain a bhí innte ar fad / Ba droch-scathamh de lá anois é ó árd am dinnéir. / Droch-Nodlaic a bhéas innte tá faitíos orm / Droch-cheánn é sin = droch-dhuine. / Sin droch-cheánn. Ná bíodh plé ar bith agad leis / Ba shin droch-cheánn = droch-mhúr, droch-dhairt nó eile a chaithfí leat, droch-phriocadh no sáiteán cainte a leigfí fút agus rl. / Tá sé in a dhroch-cheánn dá mháthair = ag déanamh éagcóra uirre, nó gan aon-cheart a thabhairt di / Bhí sé in a dhroch-cheánn domsa cho uain's bhí mé in a bhuil / Caitheadh an droch-cheann liom san teach sin = rinneadh leath-chuma agus rl. orm ann / Fuair mé an droch-eineach ann. Sin é a fuair mé ann = gan aon-chórtas a chaitheamh leat / Ní fhaca mé indiaidh a láimhe ariamh ach an droch-eineach. Tá sí cho gortach le nímé cé hé]/ Ith suas anois. Ná déan droch-eineach ort fhéin = dhá bhfágtaí ag ith thú, gan aon-dhuine a bheith ann le freastal ort, ná leis an mbiadh a thónadh ort. / Ná déan droch-eineach ort fhéin anois. Níor cheart duit a bheith in do strain -séara chor ar bith san teach seo. / Níl a fhios agam nach ndeárna tú droch-eineach ort fhéin. Ní mórán foghail a rinne tú ar chaoi ar bith / Má ghníonn tú droch-eineach ort fhéin, thú fhéin a bhéas siar leis. Sén chaoi a bhfuil sé againn san teach seo chuile dhuine ag placadh leis ar a mhine ghéire, agus an té a bhéas ar deireadh bíodh / Níl aon-chiall aige ab eadh! Nach maith atá an droch-chiall aige = ní leithscéal a rá nach bhfuil ciall aige, arae tá sé tugtharach don mhístáid agus don mhísc / Bíonn an droch-chiall ag cuid de na daoine go maith. / Níl agam

air ach droch-bhlas = níl gnaoi ná grásta agam air; níl aon-mheas agam air / Ní bheidh aige ort ach droch-bhlas má ghníonn tú é sin / Droch-bhlas ort le rud a dhéanamh = droch-rath / Droch-bhlas air marab é a d'ith un ghliúrach! /[Tá droch-bhlas ar an iasc seo = é ag lobhadh / Ná tabhair thusa aon-bhean annsin thíos nó beidh sí indroch-arán [níor chuala mé in arán dona, cé gur chuala mé "in bad bread" i mBéarla. Deirtear indroch-chránn freisin ach is annamh é] = idteannta, i lár an mhíádha / Tá mé indroch-arán anois. Go gcuiridh Dia ar mo leas mé! Níl a fhios agam céard is fhearr dom a dhéanamh. / Ba fear indroch -arán mise! Bhí mo mháthair ar leabaidh an bháis, agus mo bhean istigh san aspuicil (: oispidéal), agus gan duine ná deóraí agam a thóigfeadh an teine de mo chois, ná a bhreathnódh indiaidh an dá mhalraichín / Bhí muid i ndroch-chránn. Marach an fear a bhí in éindí liom san gcurach, bhí mo chnaipe-sa déanta ar aon-chor / Dar diagaí tá na daoine indroch-arán anois. Ní bheidh beatha na teine ann i mbliana ach grásta Dé! Nach bhfuil ceann faoi ar an aimsir uiliog / Bhí tú indroch-arán dar príosta, agus b'ait a chruthaigh tú gur thug tú an eang leat chor ar bith. Ach bhí fear maith a chúnamh dhuit go saolaí Dia é!]/ Bheinn indroch-arán aice, marach P. Ph. a casadh ann. Ba mhinic leis a bheith tráthúil. M'anam muise marach cho tráthúil agus a bhí sé an lá sin go mba fear réidh mise. Bhí mé féachta dubh agus dubh aice ar a theacht dó. Ach ba gearr an mhoill ar an mbeirt againn ceart a bhaint di / Tá drochshúil aige [tá an bhéim san bhfocal seo agus indrochmhúineadh, drochmhúinte, ar an gcéad-siolla, agus da réir sin, tá mé dhá scríobhadh gan an fhleiscín] = deirtear go mbíonn ainchumh-acht eicínt ag daoine áiride sna súile agus má bhreathnaíonn siad ar rud nó má fhaghann siad caidéis dó, go mór-mhór gan bail ó Dhia a chur air, go meathfaidh an rud nó an duine sin nó go bhfagha sé bás /[Bhí drochshúil ag S. a bhí annsin thíos. Níor chuala aonduine é ag cur bail ó Dhia ar aon-cheo ariamh / Dhá gceapainnse go ndeárna sí drochshúil di, chuirfinn faoi ndeara dhi a theacht agus bail ó Dhia "fliuch" a chur uirre. Is measa dhuit do pháiste ná tada / Drochshúil a rinneadh di. Agus tá a fhios agam cé a rinne é freisin, ach bíodh aige anois ó tá sí imithe agus go bhfuil. / Deir tusa nach bhfuil drochshúil ar bith ann. Deirimse go bhfuil, agus chruthóinn duit é.]/ Go mbadh leis féin uainne é,

giolla bradach na drochshúla! / Tuige nachar dhúirt tú leis: "bail ó Dhia uaitse uirre". Tá drochshúil aige sin má bhí sí ag aonduine ariamh / Tá droch-shúil aige = súil scéiniúil nó fhíochmhar [béim annseo ar shúil] / Tá sé an-droch-bhreathnuitheach [béim ar "droch-" nó ionann agus comhroinnte le "breath"] = droch-shnua air, nó é an-bhánghnéitheach / Duine drochbhreathnuitheach é. Is furasta aithinte duit é. /[Tá 'chuile dhuine ariamh aca sin drochbhreathn-uíoch. Ach is beag an stró orra in a dheidh sin. Níl annsin ach an gné craicinn atá orra / Fuair sé dubh-ruaig, agus tá sé an-drochbhreathnuíoch in a dhiaidh, ach is beag an dochar dó / Níl sí baol air cho drochbhreathn-uíoch leis an deirshiúr. Bás ar sliobarna críochnuithe í an deirshiúr. Níl ann ach go bhfuil sí indiaidh a chéile]/ Tá an drochmhúineadh (droxūnə) ann mar ba dual dó = olc, oilbhéas, droch-fháisc, fearg, donacht [níl an chiall droch-bhéasa nó bad-manners leis seo chor ar bith san gcaint, ná leis an aidiacht drochmhúinte (: droxūɴ ʼtə) ach an oiread. Mí-mhúineadh agus mí-mhúinte adeirtear leis sin. Tabhair faoi deara go bhfuil an bhéim ar an gcéad siolla, go bhfuil an mh maon, san bpéire, agus an n leathan i drochmhúineadh.] /[Tá neart drochmhúineadh san mbodach. Is maith gasta a bheadh sé sin ag tabhairt criogaide (: cniogaide) dhuit, dhá gcuirtheá aon-mhúisiam air / Le neart maistín -teacht agus drochmhúineadh a rinne sé é sin. Níl cinneadh ar bith leis / Cén t-údar a bhí aige ab eadh! Dheamhan údar ar bith ach cár fhága tú an drochmhúineadh, rud atá ann go fairsinn. Bhuailfeadh sé siúd a athair ní air -ím an té a bhuail sé / Leig de do chuid drochmhúineadh anois nó beidh rud ar a shon agad. / Níl droch-mhúineadh ná oilbhéas ann, agus go deimhin sin é atá indán agus in ndúchas aige freisin. Níor tháinig drisín ná dreancán ar a chine ariamh / Dheamhan a dhath drochmhúineadh san madadh sin. D'fhéadfá a bheith ag sá do láimhe siar in a bhéal ó mhaidin go faoithin agus ní thangódh sé léithe / Is beag den drochmhúineadh sin a bhí san ngamhain gur mhúin sib agus gur mhill sib fhéin é. Anois níl goir ag duine drannadh leis nach dtiúrfaidh sé poca dhó.]/ Nuair a d'iarr mé air é, níor mhian leis sásamh ar bith a thabhairt uaidh. Ba mhó dhá fhonn a bhí go fada a dhul chun drochmhúineadh liom ach stán sé nuair a chaintigh mé ar na póilíos / Feicfidh tú féin air go mbainfidh an príosún an drochmhúineadh as. Sé atá deas air / Beidh beagán den drochmhúineadh sin ag plé leis muise, ach a mbeidh mise réidh leis =

ní bheidh mórán den drochmhúineadh sin ann / Nach hé atá drochmhúinte ná duine ar bith eile a thóig cloch agad (chugad)! Tá gothadh an chrochadóra ar an diabhal / Is drochmhúinte an mhaise dhuit é! Eirigh as anois nó gheobhaidh tú luach do chuid drochmhúineadh, gheobhaidh sin / Ba mhaith drochmhúinte a labhair sé deirimse leat! / Ná bí cho drochmhúinte sin! Tá nimh ort! / Diabhal fear is drochmhúinte ná é má fhaghann sé tsiocair ar bith! / Tá rud dána drochmhúinte déanta agam (fc. dána) / Mara bhfuil tú mór ná láidir ná bí dána ná drochmhúinte (fc. dána) / Labhair sé go doilí drochmhúinte = go cantalach agus go h-olc. / Sé a bhí go doilí drochmhúinte (doilighe?) liom, nuair nach n-innseóinn dó cá bhfuair mé iad. Ach sin rud nach raibh aon-iallach orm a innseacht / Carachán doilí drochmhúinte é sin. [Is mór an gar gur beag é a ghníomh / Sé a bhí doilí drochmhúinte nuair nachar innis mé dhó go raibh mé ag teacht go ceann an bhóithrín. Thosaigh sé ag strócántacht liom ag iarraidh trí pínne eile a bhaint díom. "Teirigh 'un diabhal thú fhéin agus a bhfuil de bhusannaí déanta" adeirimse "mara maith a gheobhfá go ngabhfainnse ag íoc airgid aríst leat". / Tá sé doilí drochmhúinte! Tabhair buíochas le Dia nach bhfeiceann tú é a inghean ó; ach mise a chaitheas ceart a bhaint dó ó mhaidin go faoithin! / Ní fhaca mise a dhath dá chuid drochmhúineadh ariamh = ní raibh sé drochmhúinte liom pér bith céard a rinne sé le aonduine eile]/

Drománach — ainm-fhocal, fireann, iolraidh agus geineamhnach uathaidh — drománaigh.
[Fuaim — u ar o agus ní a]
Drománach = deirtear "strománach" freisin go minic agus cialluigheann sé an rud céadna; fear a mbeadh dromán maith teann air; plíoma láidir d'fhear a mbeadh géaga móra aige, go h-áirid guailní agus slinneáin urradhanta; cuaille d'fhear, a bheadh buille mí-stuama.

Is áibhéil an drománach fir é. Tá ceart aige siúd a bheith láidir. Mara bhfuil tá sé fhéin agus a chosamhlacht in aghaidh a chéile / Is drománach cumasach d'fhear é, ach dheamhan agus móide a bhfuil aon-mhaith ann in a dheidh sin. B'fhéidir gur maith gasta a thiubharfadh staicín bheag bhídeach, nach mbeadh meas ar bith air, talamh dhó. Ní mar síltear a bhítear a mhic ó / Ní bheadh aon-mhaith dhuit a dhul a (: do?) chor-charaidheacht leis. Chinnfeadh ort a leagan go lá Philip an Chleite. Tá sé in aon-drománach amháin agad, agus a dhruim siar as i gcomhnaí. [Ní fhéadfá feanc a bhaint as]/ Nach ar an drománach de cheannaidhe sin atá áit an mhála. Breathnuigh air! Ní bhfuigheadh sé sin mórán craitheadh mála dhá chéad a fháisceadh thiar air féin /[Is mór an dícéille atá ort a bheith ag comártas (: comórtas) leis an drománach sin. Ní comártas ar bith dhuit é agus é ionann agus do dhá aois. Má ghortuigheann tú thú féin, ná h-abair arís nachar cuireadh aithne ort. / Is furasta aithinte air gur mac le S. L. é. Tá sé in aon-drománach amháin ar nós an athar. Is maith atá a chuid ag dul dó bail ó Dhia air]/ Fan glan ar an drománach siúd má tá do leas ar Dhia. Ní mórán scrubaill a bheadh aige siúd thú a dhonú, nó aonduine eile a chuirfeas aon-araoid air /

Druimín — ainm-fhocal; buineann, iolraidh — druimíní [fuaim: ní baintear fad as an gcead i ann mar a baintear ins an bhfocal "druim" in áiteacha in nGaillimh]
Druimín = (i) Druim bheag, leirg réidh (feic "druim") (ii) ainm muirne ar bhó.

Dhá mbeitheá ag siubhal ó mhaidin go faoithin ann, ní fheicfeá aon-chnoc ach druimíní beaga agus gan ceachtar aca níos aoirde ná D. an Fh. R. thuas annsin, ná cho h-árd sin féin. Tír an-réidh go deo í, ach bheadh sí an-uisceamhail ins an ngeimhreadh, cheapfainn /[Tá na druimíní sin siar beo le girrfhiadhachaí. Má tá cú le fáil in áit ar bith fagh í. Siar annsin a bhéas an ghnatha aice]/ Tá brollach an Achréidh ar fad faoi dhruimíní, mar sin. Bheadh cumha ort ann indiaidh na sléibhte / Ar chuir sib isteach "druimín" fós. / Bhí bó againn annseo agus 'sé an t-ainm a bhí uirre druimín. Togha bó bhainne a bhí innte. Líonfadh sí cíléar le bainne dhá ceann. Ní fhaca mé a sárú ó shoin, ná ní dóigh go bhfeicfead ach oiread /

Droma = ainm-fhocal, buineann [fuaim u ar o annseo agus ní a]
Droma = cnoc, leirg [níl sé ach in ainmneacha áiteachaí .i. Droma Bheag agus Droma Mhór: tamhnachaí atá in aice Mhuigh Cuilinn; agus Droma: baile imbarr na Gaillimhe. Ní bhíonn an t-alt ann. "Tá sí pósta thoir in Droma". "Fear as Droma Bheag."]

Dromán: ainm-fhocal, fireann, iolraidh — dromáin [fuaim u ar o annseo]
Dromán: an chuid is aoirde de'n druim síos ó'n slinneán agus suas ó'n gcaoldruim.

Bhuail sé isteach ar an dromán mé /[Fáisc é seo thiar ar do dhromán. Is fhearr uait é a iomchar ná uaimse]/ Tá dromán breagh láidir uirre siúd bail ó Dhia uirre, l' aghaidh an chléibh. Is beag 'aireochas sí leasú a chur suas dó ar na caracáin árda siúd nachar chuir sé ó d'imigh Bríd uaidh /[D'fhéadfá a bheith dhá lascadh siúd ar an dromán le ord ar feadh an lae, agus ní bheadh a fhios aige go mbeitheá leis chor ar bith. Is geall le duine de na Fiannaibh Éireann é bail ó Dhia air / Is gearr ar a dhromán siúd, cléibhín móna a thabhairt abhaile. Tá sé leathan láidir, agus beagán eile ar a aire. Ach níl a fhios agam an leigfeadh an leisce dhó an oiread sin fhéin a dhéanamh]/ Is furasta aithinte nach ndeachaidh fír na maitheasa in do dhromán agus an drugal atá ort thú féin a lúbadh. Feicfidh tú féin gurb sheo é an áit a mbainfear an spreallaireacht asad. Isteach leat ingabhal an bharra sin go bhfeicfidh muid cé'n gníomh atá ionnad / Diabhal an gcuirfeadh sé an méid sin féin stró ar a dhromán agus go dtiubharfadh sé na cupla cloch phlúir sin abhaile dhom, nó go mb'éigin dom féin a n-iomchar, igceann a raibh de lastas tharta agam. Anois an bhfuil biseach agad. Sin é an liúiste (: leoiste), agus an liúiste dháiríre / Diabhal "case" ná "case" a bhí aige, ach hébrí cé na maingíní a bhí aige a fháisceadh síos i máilín garbh, agus a mbualadh thiar ar a dhromán, agus greadadh leis … Bhí cás aige siúd céard adeárfadh aonduine go deimhin! Tá mé ag ceapadh go mb'aisteach an feic é ag dul thrí Bhaile Átha Cliath. Duine an-Ghaedhealach é S. / Bhain sé cannda as bairille agus d'áitigh sé dhá rúscadh leis aniar ar an dromán. Dheamhan fuaim dhá raibh sé a bhaint as an dromán aige nach gcloisfeá in iar na tuatha. Tá ceart aige ar chuma ar bith, learsachaí (: léasrachaí) a bheith ar an druim aige anocht. Dheamhan focal arranta adubhairt sé leis th'éise sin, ach é a thabhairt dhá shiubhal ar an dá luath agus a bhfuair sé é féin ar an mbóthar. Ghlac mé truaighe dhó, arae ní raibh láimh ná cois aige sin ins an míllteanas luath ná mall.

Drumainn, Druiminn = ainm-fhocal, buineann, geineamhnach uathaidh — drumainne; u. iolraidh — drumainní.
Drumainn = talamh crochta; scainimheáin chrochta; árd nó eirghe ins an talamh,
in iomaire, i dtráigh agus rl.; druim nó leirg; druinnín [deirtear
druiminn scaithtí]

Tá drumainn ins an iomaire. Chuir sé lán ar a lár, ach níor chuir sé a dhath ar na bruachannaí. B'fhurasta aithinte dhom gurb shin é an deis a bheadh orra, agus mé dhá bhfágáil aige. Tá smál eicínt ar an gceann céadna nach bhféadfadh sé tada a dhéanamh ceart /[Bhí an-oibriú ins an bhfarraige le dhá oíche, ach shílfeá go bhfuil sí leigthe fúithe anocht, th'éis go bhfuil scoth-thaoille mhaith ann. Ach is beag an bhrigh í le h-ais na h-oíche aréir. An bhfaca tú an tráigh. Tá an-chartachán síos imbun an Characháin. Diabhal mé go bhfuil drumainn soir uiliog in iochtar na trágha leis an mbaint a rinne an fhairrge.]/ An bhfeiceann tú an áit a bhfuil an drumainn sin suas ins an lag-pholl. Scrathachaí iad sin a baineadh de'n bhruach annseo an bhliain cheana, agus a caitheadh ann. Ní aithneochthá anois go raibh siad in a scrathachaí ariamh / Caithfidh tú an láighe a fháil agus na tuláin agus na tulógaí sin a bhaint. Tá drumainn suas uiliog ar bhruach an phortaigh. [Nó go ndéantar é a mhíniú roint, ní féidir a scrathadh mar is ceart. Is danra an diabhail de bhínnse é, thar agus aon-cheann dhá bhfaca mise timcheall annseo]/ An bhfuil a fhios agad an áit a bhfuil an drumainn siúd thiar le claidhe. Tá a fhios go maith. Tá scainimheáin ann agus coll thuas leis an gclaidhe ó thuaidh. Annsin a bhí sé caithte / Tóruigh leat soir an drumainn sin tuas, in aice leis an scainimheáin, agus b'fhéidir go ndúiseochthá aon-cheann. Bíonn an áit sin beo leo. Tá sé faoi chasáin dearga ar fad /[Níor shaothruigh mise an drumainn sin soir i lár an garrdha ariamh, ná ní fhaca mé saothruighthe í, té (: cé) go raibh sí saothruighthe ins an sean-reacht. Tá comharaidheacht na n-iomrachaí le feiceál innte fós.]/ Is fearr na cruacha a dhéanamh ar an drumainn sin ó dheas. Má bhíonn siad ann go h-Earrach seo chugainn, ní mór a ndéanamh in áit eicínt nach mbeidh aon-toidheacht fútha. Tá an-ionnlach aca ar an drumainn sin / Má thugann tusa faoi deara anois é, feicfidh tú go bhfuil druiminn ins an talamh ann siar fré chéile. Deir sé gurb shin é an áit a raibh an sean-bhóithrín fadó. Chreidim nach bóithrín a bhí ann ach casán, agus go mbadh mhaith in a chasán féin é ins an am sin. /

Druinnín = Ainm-fhocal, fireann.
Druinnín: Druim bheag, cnuicíní beaga maolbheannacha a d'fheicfeá in Achréidh
nó i dtír réidh; eiscir; drumainní [is mó iad ná na druimíní,
feic druim, druimíní agus drumainn, druiminn]; cruach choirce, coca féir,
dubhachán móna, carraig, duine agus eile a mbeadh dronn beag, druim,
boilgín amach nó gioc air.

Tá go leor druinníní annseo, ach ní fheicimse cnoc ar bith / Gaineamh ar
fad atá ins na druinníní sin. Tá siad in aon-réim amháin mar sin anois
nó go mbailighidh tú B. R. Cé's móite dhaobhtha sin, tá an tír an-réidh,
seachas an áit arbh as thusa /[Teigheamuid síos ar an druinnín sin thíos
agus luighfamuid siar ann ar aghaidh na gréine. Ní fearr dúinn áit a
gcuirfeamuid giota de'n lá tharainn]/ Tá a chuid talmhana faoi dhruinníní
uilig go léireach. Is doiligh a gcur, ach is an-talamh caorach iad. Bíonn na h-uasc-
áin is fearr ins an bparáiste aige i gcomhnaí / Bhí sagart ugainn (: againn) annseo
fadó as an taobh se'ugaibhse (: se'agaibhse), agus 'sé'n t-ainm a thugadh
sé igcomhnaí ar na bailteachaí sin soir: tír bhradach na ndruinníní …
Sin é an chóir a bhfuil sí anois, nó go mbailighidh tú an Gh. Tír dheiseamhail
í in a dheidh sin /[Bhí sean-chaisleán ar an druinnín sin fadó. Ní fhaca mise in
a sheasamh ariamh é, ach chonnaic mé an bun ann. 'Siad na clocha atá i dteach
agus i sciobóil Mh. Ph. annsin thoir]/ Tá an lá caithte agam ar na druinníní sin soir
ag tóruidheacht cupla mholt a d'imigh uaim, ach níl aon-fháil orra in áit ar bith.
Marab é D. Dh. suas a thiubharfaidís orra féin. Má's é, tá a gcnámha creinnte faoi seo /
Tá druinnín beag de dhubhachán móna annsin thuas aige ar Ch. an Gh. agus ní chuirfidh sé
thar an Nodlaig choidhchin é. Dheamhan tiomanta fód eile ag gabhail leis. Déanfaidh
sé goid annsin. 'Sé atá deas air / Cé a rinne an druinnín de chruaich siúd dó.
Hébrí cé hé féin, níor chuir sé aon-chuma déanta uirre. Mara bhfuil indán
agus go dtuitfidh sí, ólfaidh sí an bháisteach uiliog mar atá sí / Tá druinnín
de ghamhain annsin thuas aige, agus mara bhfaghaidh sé aire thar mar atá sé a
fháil, dheamhan cianóig a bhuachfas sé go bráth air. Tá sé cruptha leis an
bhfuacht agus leis an amhgar /[Cé agaibh a rinne an druinnín de choca sin. Rath
a cheirde air muis!]/ Bhí an druinnín beag sin thiar ag G. Mh. A. ann, agus má
bhí féin, bhí cóirí catha aige. Diabhal aithne a bhí air, nach hé féin a bhuail an
"bully" leis an ngaothtaireacht a bhí aige faoi. Agus ní bhuailfeadh sé mioltóig, ní
hé amháin a mhalrait. Níl gnaoi ar bith agam ar an gceann céadna. Níl áit ar bith
thar baile amach dhá gcastar mé le goirid nach hé an chéad-bhall a fheicim rómham
é, ag dradaireacht /

Dromannach, Druimneach = aidiachta, do-bhriathra. [Fuaim: a (fear agus rl.) atá ar o]
Dromannach, Druimneach = druim a bheith ar rud; ag baint leis an druim; altach,
dronnach, crotach, cúbtha, árduighthe; slis a bheith ar rud.

Tá an bóthar seo an-dromannach. = ailt a bheith ann, nó druim / Leagadh
é ar an droichidín dromannach atá thuas ag tigh T. B. Tá a fhios agad an
droichidín siúd. Is maith a chuaidh sé nachar buaileadh faoi shlat an
droichid é. Dhá mbuailtí, ní bheadh sé cho saor aige, ná baoghal air =
[Droichead dromannach = droichead a mbeadh alt nó áirdín in a lár] /
Tá na cathaoireacha seo an-dromannach. Dheamhan mórán socamh-
al ionnta, th'éis lán laidhre a íoc orra … Is beag an mhaith do
chuid galántacht' nuair nach bhféadann duine scith a thabhairt dhá
cnámha orra [cathaoireachaí dromannacha = ní gleann ach cineál
eirghe a bheadh ar shuidheachán na cathaoireach] /[Diabhal mé go bhfuil
an leabaidh seo an-bhog agus na leabthachaí dromannacha a raibh muid
in a (: ar) gcodladh orra le bliain]/ Cuirfidh mé pian dhromannach
ort mara leigidh tú dhom = pian in do dhruim / Teighigidh soir an
tráigh dhromannach sin, agus tá locháinín ag a ceann thoir le
h-ais an characáin sin a fheiceas sib annsin thoir, agus b'fhéidir
dhaoib aon-cheann a fháil annsin / Tá an leac sin an-druimneach
= druim shunntasach uirre; í dronnach nó crotach /[Tá an charraig
seo an druimneach. Ní furasta ceart a bhaint di]/ Tá an fíonnach
druimneach (: dromannach) ar fad sceithte aige anois, agus gan tada
caillte aige faoi'n mbolg ná ins na taobhannaí. [asal] / Siad na
lannaí druimneach' is measa. Tá siad cho géar le rásúr. Ná
bí ag méirínteacht leo nó ní fágfaidh siad aon-mhéir ort /
Tá an-spreacadh i gcnámha dromannacha
an chapaill. Tá a chomhraidheacht len a chois. An bhfeiceann tú na h-ualaigh
a tharraingeas sí. Is ar an druim a theagas an ceann trom de'n
mheadhchan / Tá an galra cleiteach ar an gcirc sin. An bhfeiceann tú
na cleiteadhachaí druimneach uiliog caillte aice. Mise imbannaí go
gcaithfeadh sé a theacht uirre /[Cuireann an ruacan streille amach
idir a dhá shliogán dhromannacha. Iasc atá ins an streille
sin. 'Ar ndú chonnaic tú ruacan go minic. An-bheatha é — an togha. Is cóir
adeir siad gur beatha rí ruacan]/

Drúcht: Ainm-fhocal, fireann; geiniúnach uathaidh: drúicht, drúchta
drúchtín: dísbheagadh ar drúcht.
Drúcht: an fliuchán a bhíos ar an talamh ar maidin go h-áirid san
samhradh; brat, plá, carra; scráibín nó biadhú beag.

Ní fheicfeá drúcht trí mhaidin san mbliain anois. Sé leasú na talúna
uiliog é. Nach bhfuil a fhios agadsa gurb shin smál eicínt ar an
saol. = deirtear gur beag drúcht a bhíos anois ann anois le h-ais mar
a bhíodh fadó / Is olc an rud siúl san drúcht coisnochttha. Tá sé
indon bás a thabhairt d'aonduine / Chuir mé aithne uirre go minic gan
a dhul amach san drúcht d'uireasa a bróga. Ach b'aon-mhaith amháin
dom é. Ritheadh sí amach sna cosa buinn i gcomhnaí / Má ghníonn tú luighe
san drúcht Lá Bealtaine ní thiocfaidh aon-slaghdán ort aríst
igcaitheamh na bliana = deirtear seo, agus chuala mé faoi dhaoine
a rinne é /[Bhí P. Mh. Bh. a bhí annsin thiar agus níl aon-mhaidin lá
Bealtaine dhá n-eiríodh ar a shúil, nach mbíodh sé amuigh dhá ionnfairt
féin san drúcht agus gan sná air ach an oiread leis an lá ar rugadh é.
Ba mhaith an mhaise dhó é freisin. Ní raibh pian ná tinneas air go
dtí an lá a bhfuair sé bás. Bhí sé go h-árd as cionn na cheithre
scóir]/ Deir na sean-daoine go mbeadh fad agus leithead an mhaide
giúsaí gan aon-drúcht ar maidin. Theighidís amach nuair a bhíodh an
ghrian ag eirghe agus d'aithnídís ar an toirt cá mbeadh carcair, mar
bhíodh cuisle gan aon-drúcht ann. [Tá an chomhraíocht len a chois.
Fuair mé féin agus M. dhá mhaide annsin thuas sna riasca maidin, agus
muid ag fiach]/ Tá drúcht reó ann inniu = sórt glaisreó seaca.
Ní bheadh sioc ann ach ar éigin / Chaith sé drúcht reó aréir. Ba
sioc gan aon-dochar é / Bíonn drúcht mór caite aige na
maidineachaí agus an-fhuacht ann le dhul amach ar mhochóirí /[Ná
fág amuigh iad. Caitheann sé an-drúcht na h-oícheanntaí seo /
Tá gearradh-drúichtín orm = fc. gearradh]/ Níor chaith sé ach drúcht
beag sneachta = biadhú nó braitín beag / Sé a mbíonn in
Árainn drúcht beag sneachta. Deir siad go bhfuil aos óg ann agus
nach bhfaca siad aon-tsneachta ariamh. Dúirt Árannach liom
an sneachta mór a bhí annseo anuiridh, nachar chaith sé

gionnóid (: dionnóid) dhe ann. Nach h-íontach an áit é míle buíochas le Dia! / 'Ar ndú' ní thiúrfá sneachta ar an drúcht sin! Bhí mise in áit agus chaithfí scuaib dhreanncáin a fháil le barr an tsimléir a réiteach ann. Tabhair sneachta air sin! Ní fhéadfaí a dul amach nó go sluaisteáilthí dhe na sráideannaí é. /[Níor chaith sé ach drúcht beag sneachta anuiridh, ach thug sé isteach i mbliana é. D'fheicinn daoine ag breathnú amach annsin 'chuile phuinte agus ag rá go raibh sé in a chlaochmú, ach diabhal mé gur ag neartú ar a mhaidí a bhíodh sé. Shíl mé dheamhan claochmú a d'fheicfinn go brách faoi dheireadh]/ Tá drúcht guiríní briste amach thríd = brat nó carra de ghuiríní beaga ar dhuine. D'fheicfeá go minic ar pháistí iad. Ní bhíonn siad cho mór leis an deilgnigh ach go mbíonn go leór aca ann / Tá sí in a ciseach le drúcht guiríní. Is gearr ó a bhí easbaí uirre, agus tháinig grís uirre an bhliain cheana agus bhí sí cho dona, agus gur shíl muid go ngiorródh sí léithe. Droch-chraiceann nó droch-fhuil nó rud eicínt /[Shílfeá go bhfuil drúcht guiríní ort bail ó Dhia ort. Nigh thú fhéin chuile mhaidin as uisce te agus cuir gráinne salainn thríd. Mise i mbannaí gur gearr a fhágfas sé sin aon-cheann ort.]/ Níor chás é dhá mbadh goin adhairce é, ach ní h-eadh. Drúcht guiríní atá ag cruthú ann. Fuíoll eicínt é sin as an ngrís a bhí orm annseo imbliana. Sách rite a ghabh sé liom a cur as mo chraiceann, ach nuair a chuir féin d'fhága sí an féirín seo agam in a diaidh. Ní maith liom a dhul i láthair duine ar bith leó. / Ní shin deilg-neach. Níl annsin ach drúcht guiríní agus ní fiú biorán é. [Dheamhan gasúr san tír nach bhfuil ag fuasaoid leo sin. 'Ar ndú 'is beag a bhéas ar mhalrach nuair a éagnós sé é. Tá siad annsin thuas againn fhéin …]/ Ní abraím drúcht ná báisteach leis ach cead a chinn a thabhairt dó. Má theigheann tú ag cur chomhairle air, sén chaoi a mbeidh tú ag borradh leis. A chomhairle fhéin do mhac dhanra. Ní bhfuighidh sé aon-bhás nó go dtuige sé féin é /[D'imigh mé féin amach gan drúcht gan báisteach a rá = tada; focal ar bith, ach go h-áirid focal arannta. / Níor cuireadh chuige ná uaidh; ná níor dúradh drúcht ná báisteach leis agus in a dheidh sin fhéin, thosaigh sé ag ollúchan achrainn. Sin é an chaoi

a mbíonn an droch-dhuine igcomhnaí. Mara bhfagha sé údar, ní bheidh sé ag iarraidh aon-údar. / 'Ar ndú' níl mise ag rá drúcht ná báisteach leat. Déan do rogha rud. Sé do chuid fhéin é agus thig leat a chaitheamh san bhfairrge más é sin is áin leat. Ná ceap agus ná síl go bhfuil muide indiaidh do chuid airgid. Mhair muid ariamh de t'uireasa, agus mairfidh muid anois le cúnamh Dé freisin /[Níl ag duine drúcht ná báisteach a rá leis an bpóilí. Is maith ann é, ach leigeadh duine thairis é cho réidh agus a fhéadfas sé. Ar adharca a bheirtear ar na ba, adeir siad, ach ar theanga ar na daoine]/ Níor dhúirt mise drúcht ná báisteach, adeir an té a chuir an baile ag troid = sórt sean-fhocail /[Tá sé sin an-stuacach. Ní call duit drúcht ná báisteach a rá leis, agus aithneóidh tú pus air in a dheidh sin go ceann seachtaine. Nachar bhuail sé leithead a chraicinn ar T. Th. oíche a raibh sé ar cuairt ann faoi rá agus a dhul ag gáirí faoin mada nó faoin gcut. Ach duine soilíosach in a dheidh sin é, má tá rud aige ort]/ Dheamhan drúcht ná báisteach adeir B. leis ach an oiread agus atá mise a rá leatsa anois, ná an oiread sin féin, mar is minic liomsa rud eicínt a rá as greann le duine. [Dhá gcuireadh sé caidéis ar bith air, déarfainn go dtug sé tsiocair eicínt dhó, ach bhuail sé cuaifeach air gan fá gan ábhar]/ An Drúchtín móna: Luibh a bhíos ar phortaigh, ar mhuingeanna agus in áiteachaí den tsórt sin. Bíonn ribeadhachaí dearga ar na billeógaí agus múnógaí mar a bheadh múnógaí drúicht ann. Is cosúil gur ó na múnógaí sin a tugadh an t-ainm air. Greamaíonn míoltógaí ar na billeógaí, agus crupann siad isteach len a gcoinneál idteannta. Deirtear go mbruití é roimh seo agus go níodh mná a gcuid gruaige as an uisce fiuchta sin, agus go dtugadh sé dath ar a ngruaig. Ní dhéantar é sin anois. Drosera nó Great Sundew atá air i mBéarla.

Daol (Aguisín): fc. daol.

Tháinig daol innte: pian thobann i gcois lottha / Bíonn sí maith go leór nó go dtangaíonn daol léithe. Choinnigh sí in mo dhúiseacht mé ar fea na h-oíche aréir. Tá sí in aon-bhró amháin anois (: láimh) /

Druidim, Druideann, Dhruid agus rl. = briathar. ["Doirt an fhuirm atá ar seo uilig cé's moite den aidiacht-bhriathar "druidthe" is an tsain-chéill a bhfuil sé thíos fút, ach tá an t-aidiacht-bhriathar, "doirt the, doirtí" ann freisin. Deirtear "druid" freisin is an leagan "níor dhubhairt sé druid". Cuirfidh mé ar ghort an bhaile annseo freisin arae deirtear "ar dhuirt an bhaile", "ar dhuird an bhaile" freisin leis, agus is cosamhail gurb é an focal "druid" atá ann, fearacht mar atá sé sa bhfocal doirtim agus rl. (druid < duird = duirt < doirt ?)]

Doirtim, dhoirt, doirtfidh etc. = teannadh, brughadh, corruighe, tarraingt, teacht ingar, triall go dtí, aistriú, gluaiseacht, deasú

[Níl an chiall áirid "dúin" leis i.e. druid an dorus. Níl sin againn]

Níor leig an faitíos dó "druid" a rádh = bhí faitíos air tada, nó faic na fríde a rádh / Má dheireann tú druid as a chomhair siúd, beidh scéal agad air / Ba shocair an mac é sin, dhá mbeadh an t-athair istigh. Druid féin ní bheadh as a bhéal / Chonnaic mise annsin thuas é ar bhainis Bh. T. Mh. agus an druid fhéin, ní raibh aige. Ach bhí plíomaí annsin nach n-éistfeadh leis / Má chloisim druid as do bhéal aríst anocht, beidh mé ag gabhail ort cho uain agus a gheobhas mé teas in do chraiceann / Ní raibh oiread agus druid uaidh, th'éis go ndeach-aidh an ceann eile go bog agus go cruadh air, ag iarraidh achrann a bhaint as / Ná bíodh druid agaibh anois, má theagann aonduine isteach ann-sin indiu. Nó má chloisimse druid uaib, íocfaidh sib ann / Diabhal druid atá len aireachtáil istigh ann. Má tá duine ar bith istigh. Is mór m'aimhreas nach bhfuil / Coimirce an diabhail daoib! Ní raibh druid 'sa teach le seachtain cho uain agus a d'fhan sib uainn. Níl suaimh-neas i dteach ar bith a mbeidh 'u' (: bhur) dtarraint ann. Chuirfeadh sib dhá chrích Mhuire thrín a chéile /[Clabaire críochnuighthe é agus má seadh féin, ní raibh druid aige igcaitheamh na h-oíche. Ba mhaith an fáth 'ar ndú'. Chuir an gaiscidheach mór scáth air / Ó a chuaidh an méid sin caidéise air, dheamhan an druid a d'fhan aige uaidh sin amach]/ Dheamhan an druid fhéin a bhí le rádh aige. Ní fhaca tú aon-fhear mínighthe ariamh ach é. Tuilleadh diabhail aige. Is fada é ag tuaradh an méid sin dó féin

anois. An rud a bhíos dhá shíor-luadh, adeir siad, teagann sé isteach 'sa deireadh // Tá sí ar dhuird (ar ghuirt, ar ghort, ar dhord agus rl.) an bhaile anois = tá sí inaice láithreach; buailte orainn / Dar príosta tá an Nodlaig ar dhuird an bhaile faoi dheireadh = is gearr uainn í anois /[Ní mór tosuighe ag stócáil. Tá an t-Earrach ar dhoird an bhaile. Nach bhfuil sé in a Fhéil Bríde! / Má tá sí cho fada sin aniar nach bhfuil sí ar ghort an bhaile. Céard atá uirre ach dhá lá eile go mbeidh sí ar an mbaile seo! Lá ar an bP. agus lá ar an dá Sh. agus tiocfaidh sí againne annsin. An bhfuil a fhios céard atá sé a bhaint amach ar chruach choirce a bhualadh imbliana? Is cosamhail go bhfuil sé árduighthe thar mar a bhí sé anuiridh. Ní mórán is fiú dhuinne an buinín atá againn féin a bhualadh chor ar bith. Níl innte ach creannach]/ An bhfuil sé anoir cho fada sin. Diabhal mé go bhfuil sé ar ghort an bhaile mar sin. Tá sé ag tabhairt gearradh éadain dó imbliana. Níl sé ag leigean lá ar bith thairis, cé's moite de'n Domhnach féin, nach mbíonn éisteacht aige imbaile eicínt. Shílfeá go gcaitheann sé an-fhada 'sna tighthe. Bhí sé an h-aondéag shul a ndeachaidh sé soir as tigh Sh. S. an lá faoi dheireadh /[Tá an Fhéil San Seáin ar dhuird an bhaile agus gan aon-turnapa curtha fós. Ná bacaighidh lib fhéin má leigeann sib an chéad mí eile oraibh fhéin. Beidh sib d'uireasbhaidh turnapaí / Tuilleadh ghéar do'n diabhal aca anois. Tá an cogadh ar dhuird an bhaile aca féin (: na Gearmánaigh). Ní raibh mórán scrubaill ionnta féin ag caitheamh anuas ar dhaoine bochta i Sasana. Ba bheag an luadh a bheadh aca tada a scaoileadh ar na ceannpuirteachaí móra. B'fhéidir go bhfuighidís maide dhá meadh féin anois]/ Mo choinsias tá an foghmhar ar ghort an bhaile. An bhfeiceann tú cho breactha agus atá an t-arbhar. Foghmhar luath é. Ní raibh sé mórán le i gcraoibh an t-am seo anuiridh / Sílim go mbadh ceart do'n rabhar -ta a bheith ar dhuird an bhaile aríst. Cé'n chaoi a bhfuil an ghealach ar an aimsir seo? / Tá an posta ar ghort an bhaile anois. Nach shin é ceathramha do'n dó é! Níor cheart dó faice moille a bheith anois air / Tá an lá breagh anois ar ghort an bhaile, agus b'fhéidir go dtiubhar -fadh sé misneach duit le corruighe isteach agus amach // Doirt amach

uaim … sin é é … níl tú sáthach doirtthe uaim fós = brugh, deasuigh / Doirt anuas ag an teine, agus ná bí do do chailleadh féin thuas annsin / Doirt léithe sin a mhic ó. Tá an éadáil aice sin = teann isteach léithe; teirigh ag cúirtéaracht léithe / Doirtfidh sé leis an gcailligh anois, de ghrádh an t-airgead a mhealladh uaithe / An bhféadfá an bord sin a dhoirtim anonn scaithín eile, go bhféadaidh na daoine deasú tímpeall na teine? / Ba bheag eile siar a dhoirtfeadh an carr, 'nuair a bheadh sé thíos 'sa trinse / Tá an tart ag doirtim leis aríst muis, agus é a bheith ag dul soir = an tart ag teannadh leis; ag teacht air /[Bíonn sé ar fheabhas nó go ndoirteann an tart leis. Nuair a dhoirteas, imeochaidh sé roimhe ag ól / Shílfeá go raibh sé ag iarraidh doirtim síos léithe / Má dhoirteann siad siúd isteach leis cuimleochaidh siad sop na geire dhó = má theann-ann siad, nó má shíneann siad leis; má ghníonn siad carthannas an-mhór air, imreochaidh siad air]/ Is beag de'n doirtim isteach sin a bheadh ann muis, dhá mbeadh a h-athair ag baile. Dhéanfadh an t-athair cuailín cnámh dhó dhá bhfaghadh sé timpeall a thighe é, agus dheamhan ceo de'n cheart nach mbeadh aige leis / Tá sí ag brath air doirtim isteach in aice an bhaile mhóir, an áit a mbeidh congar (: comhgar) aice go dtí braoinín biotáile! / B'fhearr daoib iad a dhoirtim soir chois an chlaidhe as sin, agus gan iad a bheith i lár an bhealaigh / Doirt amach ó'n gclaidhe sin. Tá sé ar bheidhil tuitim / Doirt suas 'san leabaidh; agus fág bínn agamsa / Doirt isteach ar an stól roint / Is gearr go mbeidh mé ag doirtim aníos ó'n bhfairrge anois. Tá mé ionann agus réidh ann / Ní dhoirtfeadh sé amháin isteach ar an "sate", le áit a thabhairt do dhuine eicínt eile, ach é in aon-bhléitheach amháin annsiúd, agus gan goir a dhul isteach ná amach thairis. Shílfeá gur leis féin an bus ar fad / Doirt dhíom, nó cuirfidh mé ar shlatrachaí do dhroma ar an urlár thú = teann dhíom / Tá an slaghdán seo anois gan doirtim díom le dul 'un mhíosa = gan mé a fhágáil / Ar dhoirtim síos dom go dtí ceann an bhóithrín, cé a gheobhfainn rómham thíos ach é aríst / Tá sé in am a bheith ag doirtim 'nan Aifrinn chreidim / Dhoirt sé cho fada ó láthair ó J. agus a leig an teach é, agus níorbh fhuláir dó féin gur dhoirt. Bhí an chloch 'san muinchille ag J. dó, ach leigean ar bith a fháil air // Tá an áit

druidthe le sionnaigh anois = beo leo; iad dubh-fhairsing ann [
"druidthe" agus ní "doirtthe" adeirtear is an gcás seo igcomhnaí] / Nach
ann a bhí na coiníní cupla bliain ó shoin, agus gan an ceann féin ann anois.
Diabhal mé go mbíodh an áit seo druidthe leo roimhe seo, hébrí
céard a chuir ar gcúl iad / Tá an garrdha sin thoir druidthe le
fothannáin. Na h-asail a bhí a leigean isteach ann go ceann cupla
lá. Siad a mbuac sin iad / Tá an cladach druidthe le feamainn
dearg. Tá aoirde crann báid di i gC. an U. / Ní fhaca tú aon-áit
ariamh a bhí cho druidthe le daoine leis. Ní bheadh aon-ghoir agad bealach a
dhéanamh thríob /[Bhí an teach druidthe. Níl a fhios agam cérb as a
dtáinic a leath. Déarfainn go raibh corr-ghiolla gan chuireadh ag
smaoiseáil thart ann freisin = an teach ag dul thar maoil / Tá an
teach seo druidthe le luchain bheaga anois, marab é an ghlaicín
choirce sin a tharraing a n-aghaidh orainn]/ Níl aon-fhata ag gabhail
liom nach bhfuil druidthe le salachar. Tá pláigh fhlith isan
ngarrdha sin thiar. Is mór an uais é / Tá mé druidthe le neascóideach
-aí. Is dona a fhéadaim suidhe síos fhéin aca /[Bhí an cladach druidthe le
iasc glas annsin an bhliain cheana ach má bhí fhéin, cé'n mhaith do
na daoine é, 'nuair nach bhféadfaidís scair eangaigh a fháil
in áit ar bith / Tá na sléibhte sin suas druidthe le caoirigh, ach cé'n
mhaith sin, nuair nach bhfuil fear a bhfiafruighe le fáil. Ní bheadh
cleas ar bith ab fhearr do dhuine a dhéanamh anois, dhá mbeadh aon-
chaora aige, ná a marbhú agus a h-ithe]/ Tá sé siúd druidthe le airgead,
agus go deimhin má atá fhéin, ní hé an fear is fhearr faoi é ach oiread.
Bíonn sé caillte críochnuighthe má bhíonn air scaradh le scilling / Tá
na h-asail sin druidthe le míola. Ba cheart dhuit a nigheachán as rud
eicínt / Tá na sean-chlaidheachaí sin amach druidthe leis an rud
sin, an tsal chléithe, má's sal chléithe a thugas tú uirre. Is
minic ariamh a bhí mé ag breathnú uirre, agus níor chuala mé sin
fúithe ariamh /[Bhí an clár druidthe le giúirinneachaí. Go deimhin, bhí sé
ó mhaith aca, bhí sin / Níl aon-charraig annsin síos nach bhfuil druidthe
le báirne, agus in a dheidh sin fhéin, tá sé saoghal agus aimsir ó a chonnaic mé
toit bháirneach. Is blasta an biadh iad na báirne muise]/ Tá an
áit sin as éadan druidthe le driseachaí anois. Níl sé ineolta chor
ar bith /

Duileasc (: d ' il ' əsg): ainm-fhocal, fireann; geineamhnach uathaidh: duilisc.
Duileasc = fás atá isan gcladach ó leath-tráigh rabharta móir go dtí tráigh mhallmhuir. In a chraobhóigíní a bhíos sé, dath dearg nó dearg-dhonn air, agus é fásta ar na diúilicíní atá ar na clocha. Creannach diúilicíneach a thugas cuid de na daoine air. Baintear de na carraigreachaí é idir diúilicíní agus a bhfuil ann, agus d'íosfá as cúl do ghlaice é, nó d'fhéadfá tuar cupla lá a thabhairt dó nó go mbeadh sé tirm agus a ithe annsin. Déantar a thriomú nuair a bhaintear fasair mhór dhe nó nuair a bhíos sé le cur do bhrontanas faoi shliabh nó ar an Achréidh. Tá an-fhollántas ann agus is mór an nuaidh-eacht é do dhaoine nach gcomhnuigheann cois cladaigh. Is féidir a bhruith freisin agus gléas áirid a thabhairt air, nó deargán a dhéanamh dhe (fc. deargán). Is an samhradh nó is an bhfoghmhar is fhearr é. Tá an creannach ag dul i gcosamhlacht leis. Go deimhin is cineál de'n chreannach é an duileasc (fc. creannach). Is é an duileasc gearr mín é seo: duileasc an chladaigh. Ach tá cineál eile ann a dtugtar duileasc airde (: əird ' ə) air. Duileasc mór fada é sin a bhíos ar an domhainn, agus teagann sé isteach leis an bhfeamainn. Níl goir ar bith aige ar an duileasc eile. Go deimhin níl fás ar bith is an gcladach is mó solamar ná an duileasc.

Is iomdha áit ar an gcladach a h-ainmnigheadh as an duileasc .i. Scailp an Duilisc; Lochán an Duilisc, Carraig an Duilisc, Caracáinín an Duilisc, Cloch an Duilisc agus rl.

Dearcadóir: ainm-fhocal, fireann, uimhir iolraidh: dearcadóirí.
Dearcadóir: duine a mbíonn comhairle áirid aige as cionn rudaí nó a bhfuil air a bheith isan áirdeall ar dhaoine eile .i. cigirí scol [dearc -adóirí a thugadh na seandaoine orra], an fear a theagas timpeall ag breathnú indiadh na "saoistí" a mbíonn méithealannaí aca ag déanamh bóthair (supervisors), an póilí imbearaic a bhfuil cúram air daoine a fhaire agus spiadóireacht a dhéanamh agus rl.

Chreidim go raibh an dearcadóir agaibh indiu is an scoil. Ar thug sé mórán buillí do'n mháistir? / Bhí an dearcadóir thiar indiu ag an gcoiléar aca. Feicfidh tú clocha dhá réabadh anois / Sin é 'ar ndú' an dearcadóir atá 'san mbeairic. Is beag a leigfeas sé sin thairis deirimse leat. Tá sé ag dul thart i gcomhnaí agus na cluasa biorruighthe aige ag iarraidh fáir-néise /

Druim: ainm-fhocal; buineann; geineamhnach uathaidh droma; ainmneach iolraidh — dromanna(í) [deirtear druimeanna(í) scaithtí freisin.]

Fuaim: í fada in "druim" cé's móite de'n Achréidh agus Dúithche Sheóigeach. Dromannaí — fuaim a [a i "fear"] a bhíos ar an o annseo i gcomhnaí agus freisin i "droma"

Druim = an chuid de dhuine nó de bheithidheach atá taobh thiar ó'n a guailní go dtí n a chorrógaí; cúl, uachtar, barr, dromchladh, gruadh, an taobh uachtair nó an taobh amuigh de rud, an chuid is airde de rud; in a iomlán, in a thoirt; de bharr, ingeall ar, faoi rádh agus; ar fad, ionann agus ar fad, uilig; as cor, as buille, bambairne a dhéanamh de … ; de shiubhal, ar feadh, in imeacht; amach agus amach; criochnuighthe; dhá mhaidí, dá chúrsaí, dá leas; in a siuntaí, in a srathannaí, in a bhréidíní; cúl a thabhairt le … ionnarbadh nó díbirt a thabhairt ar … ; leirg fhada agus é cothrom go leor as a bharr.

Bhuail sé ar an druim é / Chuir sé an mála ar a dhruím / Fáisc ar do dhruim é / Buail ar do dhruim an máilín seo / Sin í an cheird a fhágfas an mála aniar ar a dhruim = sin í an obair a fhágfas ag iarraidh na déirce é / Chuir sí an mála ar a dhruím = bhánuigh sí é / Níl falach léine ar mo dhruím = tá mé nocht / Is gearr nach mbeidh snáth léine ar mo dhruim = is gearr go mbeidh mé nocht / Chonnaic mise é sin ag imeacht agus gan falach léine ar a dhruim. Is maith postamh-ail indiu é / Ní fhágfaidís an léine ar do dhruím dá bhféadaidís = bhánóchaidís thú / 'Sé a mbeadh uaidh an léine a bhaint de mo dhruím dhá gceapadh sé go rithfeadh leis = mé a bhochtú críochnuighthe /[Beidh siad ar siubhal anois go mbainidh siad an léine de do dhruím. Is ait a bhéas tú ar do mhaidí nó bainfidh / Chaith siad in a bhun ariamh ariamh nó gur bhain siad an léine dhá dhruím. Tuilleadh ghéar de'n diabhal aige a d'éist leo!]/ Níl fiú agus na léine anois ar a dhruím len a bhfuil cáillte aige leis an mac sin, agus gan ceo dhá bharr aige in a dheidh sin. Is bocht an chaoi dhó é / Bhainfeadh sé an craiceann de do dhruim dhá dtugtaí áird air. Níor mhór leis choidhchin a ndéanfá dó = bheadh sé an-dian ort ag obair /[Sin é an áit ar baineadh an craiceann de mo dhruím-sa ar chaoi ar bith. D'fhága sé a shéala orm]/ Tá an craiceann bainte dhá dhruím indiu ar aon-chor. Tuilleadh glugair aige anois! Is fadó cheana nach raibh sé ar a mhine-ghéire cho mór sin /[Siúd é an áit a mbainfí an craiceann de do dhruím. Diabhal bréag nach hé … Dheamhan pighinn a bhéas dhá bharr agad ach pighinn a bhéas saothruighthe. Deirim-se leat go mbeidh]/ Dheamhan duine a ghabhfas ag obair annsin ach an té atá

ag iarraidh an craiceann a bhaint dhá dhruim. Beidh tú in do chuid alluis ann ó thosóchas tú ar maidin go scuiridh tú trathnóna / Eirigidh as an gceird sin. 'Bhfuil sib ag iarraidh 'u' (: bhur) gcuid dramannaí (: dromannaí) a bhriseadh / Bhain mé stangadh as mo dhruím ag iarraidh gaoithe a thabhairt di sin fadó an lá / [Brisfidh mé do dhruím, mara leigidh tú de do chuid geabsaireacht']/ Tá tinneas drama (: droma) orm = tinneas in do dhruím de bharr a bheith cromta nó a leithide, lumbago /[Déanfaidh mé dhá leith de chnáimh do dhroma]/ Deir siad gur shil an smior uiliog amach as cnáimh a dhroma, agus gurb shin é an tsiocair a bhí aige / Dírigh suas thú féin agus buail faoi. An bhfuil smior ar bith i gcnáimh do dhroma? /[Th'éis a raibh de chúram faoi'n saoghal ariamh air, agus th'éis a raibh de sclamhaireacht aige faoi thalamh, sin é a bhfuil aige anois faoi dheireadh: leitheid a dhroma thiar ar an gC. = uaigh]/ Oibrigheadh sé leis. Ní bhacfaidh muide é. Gheobhaidh sé a dhóthain talmhan' ar ball: leithead a dhroma mar a gheobhas muid uiliog. Diabhal ionga eile / Aindeoin ar tharraing sé de dhlighe agus de chlampar ariamh faoi'n riasc sin thuas, níl aige anois ach leithead a dhroma dhe. Nach mairg a bheadh teann, a Thighearna agus gan do shaoghal ach gearr! /[Tá ar ndóthain talmhana againn. Cé'n ghnatha a bheadh againn dó. Má fhaghann muid leithead a' (: ar) ndroma dhe bíodh muid buidheach … i bhfad uainn an anachain is mór a bháidhtear nó a dhóightear]/ Tá mo chuid talmhan-sa ar iarraidh anois, a mhuirnín. Ní iarrfaidh mise aríst go bráth dhe ach leithead mo dhroma. Dheamhan a dhath eile / Thug sé leithead a dhroma dhó ar an urlár. Is gearr goirid a bhí sé dhá dhéanamh ach an oiread. = leag sé ar shlatrachaí a dhroma é /[Is maith a bhéas sé ar a áirdeall féin anois, nó tiubharfaidh an ceann eile leithead a dhroma ar an talamh dhó. 'Sé atá deas air / Mara n-eirighidh tú as do chuid míoladóireacht' liomsa, is maith gasta a bhéas mé ag tabhairt leithead do dhroma de'n urlár sin duit, deirimse leat]/ Thug sé sin leithead a ndroma d'fhir ab fhearr ná eisean. / Chodlóchainn ar leabaidh ar bith a mbeadh leithead mo dhroma innte. Ní ionntuighim ó luighim / Ní fear ar bith é le codladh leis. Ní thiocfadh iabh ná forus air i gcaitheamh na h-oíche, ach ag ionntú agus ag sníomh, agus dhá choigilt féin faoi na pluideanna. Ní fhágfadh sé leithead do dhroma féin agad innte (: ins an leabaidh) /[Is maith fairsing an seaicéad a bheadh leithead a dhroma siúd.]/ Leabaidh ar bith a bheadh leithead a dhroma siúd, níorbh fhuláir di méid a bheith innte. Nach geall le clár

comhra é, bail ó Dhia agus ó Mhuire air. /[Ní thiocfadh sé isteach ins an dorus sin thoir. Ba bheag an baoghal a bheadh air. Ní bheadh leithead a dhroma ann]/ Bhí an-chaitheamh in diaidh an bhaile aige go dtí an lá a ndeachaidh sé idtalamh. Chuaidh mise ag breathnú air seachtain shul a fuair sé bás. Ní raibh de leath-rann aige ach an baile. "Is caillte an rud do shúile a dhúnadh i dtír bhradach na deataighe seo" adeireadh sé. "Níor bhás liom mo bhás, dhá bhfaghainn leithead mo dhroma de thalamh glas na h-Éireann". Ní bhfuair, an duine bocht / Bhuail sé anuas ar shlat-rachaí a dhroma ar an talamh é = ar chlár a dhroma / Bhí sé sínte ar chlár a dhroma / Aindeoin a laghad toirt' agus atá ann, tá tuirsiú do dhroma in a dhiaidh sin ann / Thug sé tuirsiú mo dhroma dhom a thabhairt abhaile = ualach /[Is beag an t-ualach a mbeadh tuirsiú mo dhroma-sa anois ann, ní ag ceasacht ar Dhia é. Ní raibh mé lá eile mar sin. Ach caitheann an aois a cuid féin a fháil]/ Buail ort é. Cuirfidh mise geall leat nach beag leat é, ach a n-iomchruighidh tú leath-mhíle é. Is trom cearc i bhfad adeir siad. Is beag an rud é sáith droma duine / Chuaidh mé go dtí é ach ní bhfuighinn tochas mo dhroma uaidh = an oiread agus a dhéanfadh mo dhruim a thochas = tada / [Féadfaidh sibse a dhul ag imirt má's breagh lib. Níl tochas mo dhroma agam = cianóg ruadh / Ní bhfuair mé tochas mo dhroma d'obair le bliain go leith, ach ag forcabhás ar an dole bradach sin. Má seadh féin, is meathta an cheird sin.]/ Go dtugaidh Dia ciall duit. Ní thiubharfad sí tochas a droma dhó. Dheamhan é / Ba mhaith teann é scathamh ach níl tochas a dhroma aige anois / Tháinig sé annseo thoir ins an samhradh anuiridh. Chuaidh cúigear nó sheisear againn soir aige, ag iarraidh oibre air. Gheall sé dhuinn go ndéanfadh sé cat agus dá rioball ach a dteigheadh sé go Baile Átha Cliath. Ach ní bhfuair muid tochas a (: ar) ndroma ó shoin. Scéal ná scuan féin níor chuir sé chugainn /[Fuair tú amach muis, cé a bheadh grádh-diadhamhail. Ní thiubharfadh sé tochas do dhroma dhuit, dhá gcaiththeá a dhul a chodladh in do troscadh. Agamsa atá a fhios é.]/ Dá mbeitheá ag dilleoireacht anois go h-eádarsuth amb-áireach ní thiubharfaidh mise oiread tochas do dhroma dhuit. Mar sin, is fhearr duit eirghe as in am. Níl maith ar bith é a chur i bhfad scéil. Dheamhan a dhath / Bhuail sé isteach ar alt an droma mé = an áit a bhfuil na hailt ins an druim / Mara leigidh tú dhom, cuirfidh mé ailt do dhroma as áit / Airighim driog eicínt isteach in alt mo dhroma, maran tinneas droma atá ag

siocadh liom aríst, ní ag tabhairt gutha air é. / Anuas annsin díreach ar alt an droma a fuair mé é. Shíl mé go raibh mo chreach déanta / Tá caol an droma an-lag aige. Ar chuala tú ariamh é: "Is minic fear fada lag as a lár" (: "caol an droma" nó "an caol druim", an áit chaol de'n dhruim as cionn na gcorróg. Is ceann de "chúig chaoil" na colainne é) /[Chuir sé barróig orm faoi chaol an droma, agus mo cheann-finne, ní scarfadh uaidh. Ba gheall le iarainn na bun-righeachaí a bhí air]/ Annsin, slán an tsamhail, i gcaol an droma a sáitheadh é. Dhá dteigheadh sé ionga eile isteach, bhí sé thrídhn a chuid aobha, agus leagha na bhFíann ní leigheasfadh é. Is maith a chuaidh sé as /[Is diabhlaí leigthe atá sí as caol an droma. Ba mhaith í ag baint choirrlighe. Bheadh an síneadh fada aice.]/ Deir siad nach raibh aon-bhean a chuir aghaidh le aer ariamh ba bhreaghtha na í, agus in a dheidh sin féin thiocfadh a caoldruim thríd chró snáthaide /[Ins an gcaoldruim a airighim é. Ní bheadh goir agam mé féin a lúbadh mar sin anois chor ar bith, nach mbéarfadh an phian orm isteach faoi'n gcroidhe. Deir siad sin gur arrainn é, ach measaim nach h-eadh / Níl neart agam cor ar bith a bhaint asam féin, nach dteag-ann pian chráidhte isteach faoi mo chaoldruim. Brath mhór atá agam a dhul chuig an dochtúr léithe, ach dheamhan agus móide meabhair a bhainfeadh sé sin aiste ach an oiread liom féin. Is minic nach mbain-eann]/ Tá sé ag tarraint (: mhóna) len a dhruím = ar a dhruim atá sé ag tarraint na móna / An len a dhruim atá sé dhá cur aníos. Má's eadh is meathta an obair í. B'fhearr liom rud ar bith faoi'n domhan a thabh-airt liom ar mo dhruím ná feamainn / Ní fhéadfá a iomchur le do dhruím. Tá an t-aistear ro-fhada, agus gan cinneadh go deo le gainea(mh), bíonn an oiread sin meadhchain ann. Is suarach an blas a bheadh ag Tom ort cheapfainn, dhá n-abruighthí leis a dhul ag tarraint len a dhruím /[Nach gcaithfidh siad treabhadh nó tiomáilt (: tiomáint) a dhéanamh: í a tharraint len a ndruím, nó a fágáil ar an bportach, nuair nach bhfuil aon-bhealach cairr ann, ná fiú agus bealach asail féin]/ Tá a dhruim linn = é ionntuighthe uaim / Bhí a dhruim liom, ach mar sin féin, chonnaic mé an lasadh a tháinic ann nuair a chaintigh mé ar Sheán. /[Bhí sé ag imeacht agus a dhruim liom.]/ Chodail sé agus a dhruim liom / Ná cuir do dhruim liom mar sin /[Is mór an droch-mheas ar dhuine ar bith é sin: go gcuirfeá do dhruim leis]/ Chuir mé mo dhruim leis an abhainn agus thug mé an casán

eile orm fhéin = d'ionntuigh mé ó chasán na h-aibhne / Shílfeá go bhfuil do dhruim le balla agad bail ó Dhia ort = leigthe isteach ar bhalla agus t'aghaidh amach /[Tá siad thíos annsiúd 'chuile lá ins an mbliain, agus a ndruim le coirnéil aca, gan buille maitheasa a dhéanamh. Is furasta dhóib agus an tír dhá dtógáil]/ Ara dheamhan smeach a rinne sé siúd leis an tsíorruidheacht ach a dhruim le coirnéal annsiúd aige, ag caint ar chaiple rásai le spriosáin na G. /[Ní shásóchadh rud ar bith é aon-oíche ins an mbliain, mara dteigheadh sé soir annsin soir ag cuir a dhruim le coirnéil. Níl samhail ar bith anois aige ach na stuc-airí coirnéil a d'fheicfeá i nG.]/ Tá do dhruim le doras na gaoithe annsin agad agus an seoideadh isteach ann. Teann anuas / Tá tú anois mar bhí Raftaraí caoch: "do dhruim le balla, ag seinm cheoil do phócaí falamha" /[Bhí a dhruim leis an gcoca féir aige agus é dhá cláradh / Caitheann siad an oíche annsin thíos agus a ndruím le claidhe aca. Dheamhan mé gur beag an dochar dhóib slaghdán féin a tholgadh, agus iad dhá ndeall-rughadh féin mar sin i gcomhnaí]/ Cuir do dhruim le leachta agus b'fhéidir go bhféadfá é a dheargadh. Nach diabhaltaí an sinneán atá ann / Bhí mo dhruim leis an ngaoith anoir agus má bhí féin, bhí sí do mo tholladh. Ba cháillte an lá é — ba chaillte sin /[Ní beo é mara mbeidh a dhruim le teine aige mar sin i gcomhnaí. Ach b'fhéidir gurb é a chríonnacht atá sé a dhéanamh. Deireadh na seandaoine go mb'fhearr goradh cúl-cos ná céad bó ar chnoc]/ Thug mé mo dhruím do'n phoitín = thug mé cúl mo láimhe dó = dhiúltaigh mé é = d'eirigh mé as / Tabhair do dhruím dó sin, má tá barúintí do leasa fút. Is iomdha duine a d'fhága sé sin le fán cheana /[Is fada an lá mé ag gealladh go dtiubh-arfainn mo dhruím do'n ól, ach tá sé déanta agam faoi dheireadh. Is fhearr go deireannach ná go bráth 'ar ndú' / Ní thiubharfaidh sé a dhruim di sin go sleibhe. Bhí sé cho maith dhóib gan cur chuige nó uaidh anois, mar ní thiubharfaidh sé toradh ar bith orra. A chomhairle féin do mhac dhanardha agus ní bhfuair sé ariamh níos mheasa]/ B'fhearr dó go fada a dhruim a thabhairt do'n áit sin, agus gan é a thaobhachtáil beag ná mór. Tá siad ag cur dallach dubh air ann. Ach ní fhaghann duine ar bith a chomhairleach -an in aisce, adeir siad /[Shílfeá gur thug sé a dhruím uiliog do'n teach seo thíos le tamall. Tá faitíos orm nach in am a rinne sé é. Tháinic ciall cheannuighthe dhó faoi dheireadh agus faoi dhó (: dheoidh)]/ Tá a dhruim tugtha aige do'n

scoil, agus fear is píce ní chuirfeadh amach ann anois é. / An bhfaca tú ag dul a codladh ariamh é. Indiaidh a dhroma a theigheas sé isteach ins an leabaidh = a dhruím a chur isteach idtosach / Tá mo bholg thiar in mo dhruim len a bhfuil d' ocras orm /[Is beag an dochar dhó a bholg a bheith thiar in a dhruim féin scáth a n--itheann sé. / Tá a bholg thiar in a dhruim. Is cosamhail nach bhfaghann an duine bocht a leath-dhíol le n-ithe. Nach bhfuil lán púirthín na h-átha de mhuirín air. Caithfidh fear na muiríne móire an greim a bhaint as a bhéal féin i gcomhnaí len a chur i mbéal na bpáistí. Deir siad nachar bhris cearc an áil a h-iogán ariamh / Tá mo bholg thiar in mo dhruim agam ag imeacht ar phutógaí falamha ó mhaidin indiu. Dheamhan thiomanta greim deoch, ná blogam a chuaidh ar mo bhéal ó d'imigh mé as seo ar maidin. Nach bhfuil ceart agam ocras féin a bheith orm]/ Teagann sé abhaile 'chuile phuínte agus a bholg thiar in a dhruim aige leis an ocras. Chaithfeadh sé go bhfuil an ghearradh-ghíonnach air, nó rud eicínt. D'íosfadh sé deoladh 'chuile ré soluis / Is diachta dhuit do bholg a bheith thiar in do dhruim agad ar scáth an t-achar ó d'ith tú gliúrach (: gleorach) cheana. Is maith an dicheall do dhuine beatha a choinneál caithte agad / "Is maith a shaothruigheas an druim an bolg" = [sean-fhocal] Ar an druim a theagas ceann trom an tsaothair le soláthar a dhéanamh do'n bholg /[Tá mé dhá tarraint ar mo dhruim le seachtain. Is gearr go mbeidh díol an gharrdha tarraingthe anois agam, agus ní miste liom sin. Is maith a shaothruigheas an druim an bolg, mar adeir an ceann eile / Níl mé indon mé féin a dhíriú chor ar bith le thinneas droma le cupla lá. Tá mé thart aige. Neamh-chleachta a rinne é, is dóigh. Níor chuir mise aon tsúil-eoig fhataí le dhá bhliain déag go dtí an tseachtain seo caithte. Diabh-al bréag nach maith a shaothruigheas an druim an bolg, ar chuma ar bith]/ Ní raibh "aon-lorries" ná aon-charrannaí ann an uair sin. Chaithfidís a gcuid earradh a thabhairt leo ar a ndruim nó déanamh dhá fuireasbhaidh. Ar chuala tú ariamh é, is maith a shaothruigheas an druím an bolg. Ba shin é a fhearacht aca ins an ám sin é /[Sin é adeireadh sí i gcomhnaí: is maith a shaothruigheas an druim an bolg, agus í ag dul suas len a leath-chloich mhine ó'n D. Leigeadh sí tuairim agus céad scíth fúithe sin féin, ó d'fhágadh sí an D. go mbíodh sí ins an mbaile]/ Diabhal bréag nach saothruighthe an mhóin í, nuair a bhéas sí amuigh ar an mbóthar aca len a ndruim. Ach níl aon-cheo eile ag na daoine ach an ghlaicín mhóna sin anois. Marach í, nach mbeadh muid in ainriocht ar fad. Deir siad gur maith a shaothruigheas an druim an bolg. Is maith freisin /

'Ar ndú' ní ag ceapadh atá tú go dtiocfaidh do bheatha ó Neamh agad annseo. Caithfidh tú a dhul amach agus leagan ort féin. Mara dteighidh 'sé do bholg féin a bhéas siar leis. Is maith a shaothruigheas an druím an bolg, bíodh a fhios agad /[Níor mhiste liom beirthe é marach an deis atá ar mo dhruim. Tá sí faoi phianta ar fad. Dar mo choinsias tá mo dhruím-sa ag saothrú mo bhuilg ar an aimsir seo]/ Deirimse leatsa go bhfuil obair chruadh ar na dugaeraí sin ag iomchur málaí troma amach as soithigh. Hébrí cé'n pháighe a fhaghas siad is maith an aghaidh orra é. Dheamhan an seasfainn leath-lae choidhchin ann. Bíonn beatha ar foghnamh aca, ach ní mór dóibh sin. Saothruigheann an druim an bolg ar aon-chor / Chuir mé druim ar ais é. = indiaidh a chúil, é a leagan ar a dhruim nó ar a thóin, malrait suidheachain nó deise a chur ar rud thar mar a bhí sé cheana / Chaith sé an chathaoir druim ar ais /[Ní shásóchadh rud ar bith é ach an bord a chur druim ar ais ar an urlár agus é féin a shíneadh istigh ann. Dheamhan duine dhá bhfeicfeadh é, nach sílfeadh nach raibh a dhíol staidéir ann]/ Is beag dhá easonóir a fuair sé siúd, deirimse leat, ach an cléibhín a chaitheamh druim ar ais, agus a raibh ann a fhágáil mar sin. / Shíl sé mé a chur druim ar ais, ach bhí sé fánach aige. Ní chuirfeadh ná fear ab fhearr ná é /[Deir siad go bhfuil na "Germans" dhá gcur druim ar ais aríst. Chonách sin orra! Buadh agus treis leo!]/ Bí áirdeallach nó cuirfidh tú an buicéad sin druim ar ais. Má dhóirteann tú an t-uisce sin ar fud an urláir, beidh rud ar a shon agad /[D'eirigh sí, ach cuireadh druim ar ais síos ins an gclaise aríst í. Marach gur casadh an dá ghasúr ann, ba bhudóig chaillte a bheadh innte ar maidin, arae ní thiocfaí ag breathnú uirre go maidin]/ Chuaidh an lorry druim ar ais ins an díoga ach má chuaidh féin, níor eirigh faocha d'aon-duine dhá raibh ann míle buidheachas le Dia. Bhí Dia in a bhfabhar. 'SÉ a thug slán iad / [Thosuigh an capall ag dul ar gcúl agus níor chomhnuigh sí ariamh ariamh, ghur chuir sí an carr druim ar ais síos ins an srutháinín atá chois an bhóthair. Fhobair gur bhasc sí í féin]/ Tá an dúirlinn (: toirlinn) uilig druim ar ais de bharr an oibriú a bhí ins an bhfairrge aréir. Oíche mhór a bhí innte /[Ná leag druim ar ais mar sin é. Is fhearr dhuit a thóin a chur faoi / A dhearbhráthair m'anama thú d'eirigh sé de ghorta gharta agus chuir sé an stóilín agus a raibh ann druim ar ais, de'n iarraidh sin. Bhí an seaicéad anuas aige ar an toirt agus é ag iarraidh aon-fhear ins an teach amach ar "fair-play"]/ Má leagann tú an "tin can" sin ar forbhás annsin, is gearr go mbeidh sé druim ar ais ar an talamh. Leag in áit eicínt eile é / Chuirfeadh sé siúd cnoc, ní áirighim duine druím

ar ais an uair a theagas uathbhás ceart air / Bhí sé sínte druim in áirde ar an talamh = ar a bholg agus a dhruim as a chionn / Ná sín thú féin mar sin druim in áirde ins an leabaidh. Breagh nach ndéanann tú an rud a ghníos 'chuile dhuine: luighe ar do dhruim. Ach ní leigfeadh an ámhuilleacht duit an rud ceart a dhéanamh / Is diabhlaí an meadhchan a bhí faoi do dhruim an uair sin = is diablaí an t-ualach a bhí ort /[Níl aon-fhear in do thír a d'iomchróchadh an t-ualach sin faoin a dhruim, hébrí céard a dhéanfadh sé len a sháthadh roimhe i mbarra nó a tharraint in a dhiaidh i gcairt]/ Mara n-iomchruighidh tú faoi do dhruim é, meastú cé'n chaoi a bhféadfaidh tú a iomchur. Nach gcaithfidh muid 'chuile shórt a iomchur faoin a' (: ar) ndruím annseo. 'Deile cé'n bealach atá againn /[Níl aon-chapall ins na bólaí seo indon an oiread sin a iomchur faoin a druim. Is iomdha capall a tharraingeochadh i gcarr é]/ Ní raibh fáisceadh-faoi ar bith istigh againn, agus bhí an leac ro-éadtrom faoin a druim (: druim an chapaill), agus b'éigin do dhuine againn suidhe amuigh chun tosaigh uirre (ar an leic) leis an gcarr a choinneál ó'n a dhul siar ar a sháil = ní raibh a dóthain meadhchain ins an leic amach idtosach an chairr, in aice le druim an chapaill /[Ní mór duit na leath-bhairillí sin a choinneál amach go maith faoin a druim, nó eireochaidh an carr ort … Sin é é. Amach go maith chun tosaigh]/ Tá tromlach an ualaigh thiar chun deireadh, agus gan brigh amach faoin a druím. Is ar a chruadh-chúis di tarraint in aghaidh na n-árda leis /[Bhí siad ar fad coiglighthe thiar indeireadh an "traipín" agus gan tada faoi dhruim an chapaill. 'Ar ndú' chaithfeadh sí cliseadh ins na h-árda. Badh é an t-iongantas é, nach ndeachaidh an traip druim ar ais uiliog]/ Chuir sé an dorus isteach dhá dhruím = chuir sé a dhruim in a aghaidh agus bhrugh sé isteach é le teann fórsa / An bhfuil tú indon é a chur dhíot de do dhruim. Is diabhaltaí docht atá sé / Tá druim mo choise tinn. B'fhearr dhuit a dhul amach agus teachtaireacht a fháil dom. Ní iarr-fainn ort é marach fhios agam go bhfuil tú in do chomhnaí = an chuid uachtair de'n chois / Thuit sé annsin ar dhruim na bróige = uachtar na bróige adeirtear go h-iondamhail, ach bíonn "druím na bróige" ann scaithtí freisin / Bhuail sé failm orm de (le) dhruim na láimhe, agus is beag nachar bhain sé an mothú asam = druim na láimhe: an chuid amuigh di. Bos a tugtar ar an gcuid istigh / 'Séard a ghníodh an máistir beag i gcomhnaí thú a bhualadh marbh de dhruím na láimhe. Deirim leat nachar bheag dhuit é, ach an oiread / Bhí muid ag ealadhain

thíos tigh J. aréir. Bhí sé ingreim láimhe mar sin ionnam dhá cur anonn agus anall. Pé'r bith cé'n chaoi ar eirigh liom mo láimh a leigean marbh gan aireachtáil, bhuail sé de dhruim mo láimhe féin isteach ar an bpus mé. Marach cho beo agus a leig sé leis féin bheadh scéal aige air, feadh agus mise eirghe aige /[Thug mé druim mo láimhe dhó uiliog = thug mé druim dó uiliog = dhiúltaigh mé é, nó chuir mé suas dó]/ Chreidim gur thug sé druim a láimhe do'n ól ar fad. Theast -uigh sin uaidh /[Níor mhiste dhuit druim do láimhe a thabhairt do na mná feasta choidhchin, níor mhiste sin. Is fada an lá anois thú ag spocadh leo]/ Bhí léine dhá triomú aige ar dhruim na cathaoireach = an slinneán agus an chuid cúil di ar fad / Cuir druim na cathaoireach le doras an drisiúir sin, ó tá an builtín briste. Mara gcuiridh beidh sé in a bhéal in áirde ag cuit ar feadh na h-oíche /[Cuir druim na cataoireach leis an dorus, ó tá Máire bhreagh amuigh. Is beag a bhéarfadh orm an bulta a fháscadh ar fad air, agus cead aice a theacht isteach ar a rogha caoi annsin. Ní dhéanfaí leath an cheart léithe.]/ Druim an bhuird = uachtar an bhuird; an chuid de bhilleoig an bhuird a mbíonn gréithí, éadach cláir agus eile air / Druim na talmhana = uachtar nó drom -chladh na talmhana /[Níl sé ar dhruim na talmhan' indiu aon-chneamh-aire is corónta ná é / Níl sé ar dhruim na talmhan' indiu aon-pheata is measa ná é sin le araoid ar bith a chur air]/ Ní raibh sé ar dhruim na talmhana aon-duine ba lághaighe le gasúir ná é, gur bhuail an donacht é, ach uaidh sin amach, ní raibh aon-ghoir ag aonduine aca tangachtáil leis (: teangmhastáil) = ar dhruim na talmhana = faoi'n saoghal = faoi'n mbogha bán / Níl a mhac samhail eile ar dhruim na talmhana. Sin í an fhírinne dhuit. An bhfeiceann tú an chluanaidheacht a bhíos air 'chuile lá? / Tá sé in áit eicínt ar dhruím na fairrge faoi seo. Sheol sé ar scadáin / [Tá an ghaoth sin isteach de dhruim na fairrge, an-fhuar / Imigheann sí léithe ins an sruth ar dhruim na fairrge.]/ D'fheicfeá é mar a bheadh corc ann ag snámh ar dhruim na fairrge / Ní theigheann sé go tóin puill chor ar bith. Cothuigh -eann sé druím na fairrge. / Bhí sé thuas ar dhruim na h-aille = an t-uachtar / Tá druim na h-aille ar fad faoi eibheann (: eidheann) /[Tabhair aire dhuit féin thuas annsin Dia aithnighthear. Tá druim na h-aille sin an-tsleamhain, agus is fánach an chaoi a gcuirfí anuas indiaidh do mhullaigh thú]/ Níl an chruach sin sáthach tarraingthe as a druim = a h-uachtar suas in aice len a barr. Cruach mhóna nó fhéir atá i gceist. Ní abróchthá druim le cruach

choirce / Tá an druim ro-dhíreach ar an gcruaich sin. Ólfaidh sí an bháisteach as éadan. Is furasta aithinte nach mórán meabhair a bhí ar chruacha ag an té a rinne í. Ní raibh ná meabhair ar bith /[Tá cruit amach uirre as a druim. Is gearr go dtuitidh brúisc di, agus caithfidh sib a leagan ar fad annsin]/ Tá druim an fhóid uiliog fliuch, ach tá sé slán istigh. 'Sé a bhfuil uirre an cráinín beag fliuch sin taobh amuigh, ach ní brigh é sin. Caitheann sí tamall maith ag crádadh mar sin féin / Tá druim an fhóid tirm, ach tá an t-íochtar bog báithte. Ní fhéadfaidís a bheith ar a mhalrait, agus an plás atá aca /[Hébrí cé'n sórt sníomh a bhíos air leis an sleaghán, ní mhúnluigheann sé druim an fhóid ceart. Tá a shliocht uirre: déanann sí mionús as éadan]/ Tá druim na h-iomaire faoi scáineadhachaí uiliog. Is olc é an spalpadh seo ag fataí / An bhfeiceann tú druim na h-iomaire agus gan a dhath ariamh fóid uirre. Is geall le cráin é le leigean isteach ingarrdha. /[Tá druim an bhóthair ro-shleamhain. Coinnigh le na colbhachaí. = (druim an bhóthair = amach in a lár)]/ Tá cruit uiliog ar dhruim an bhóthair, agus é gleannach isteach leis an móinín bán. Tá sé cho bealuighthe leis an míádh freisin. Is éascaidh le duine treascairt a bhaint as ann /[Druim an bhóthair sin thíos an áit a bhfuil an teara tiugh, níl sé in araidheacht ag aon-chapall déanta siubhal air. Tá cuislídheachaí dhe níos measa ná a chéile mar sin féin. Bhí aca colbh a fhágáil gan teara ar bith l'aghaidh lucht capaill]/ Níl agad le déanamh ach fanacht de dhruim an bhóthair, isteach go maith i leathtaobh. Tá an druim tugtha uaidh ar fad. Mara gcuiridh siad caoi air go goirid, ní bheidh goir ag tada é a shiubhal /[Chinn uirre an luascáinín feamainne a thabhairt aníos druim na trágha. Rinne sí staic air. Is maith an capall í sin le dhul ag feamnadh léithe]/ Tá fíogach caithte thíos ar dhruim na trágha agus é lobhtha. Bhí sé thoir ins an bhfearsaid, ach d'árduigh buachaill báire eicínt anoir é, agus chaith sé imbéal an tseoil igcasán na ndaoine é, le faitíos nach mbeadh a dhóthain baladh bréan uaidh ins an áit a raibh sé. /[Bhí an bheirt sínte síos ar dhruim na trágha agus iad dhá n-ionnfairt féin ins an ngaineamh, agus gan falach orra ach an oiread leis an oíche ar rugadh iad. Shílfeá go mba bheag an dochar dhá leithidí sin náire a bheith orra, ach dheamhan náire muis, ná cuid de náire. Is feasach dóib go maith nach n-aithneochaidh na daoine iad]/ Bhí taoille an-bheag ann anocht. Ní raibh an lán-mhara aníos thar dhruím na trágha / Siubhail soir annsin druim na trágha agus b'fhéidir go bhfeicfeá aon-cheann aca ins an ngainimh = [druim na trágha = áit chrochta nó árduighthe a bhíos go h-iondamhail suas in aice le bharr na trágha]

/ Tá druim na dúirlinne uiliog réabtha de bharr taoille na h-oíche aréir. Ba deannachtach an oíche í = [Druim an dúirlinne = strapadh árd a bhíos ar dhúirlinn in aice a bharr] / Chonnaic mé ag lascadh soir druim na dúirlinne árd-trathnóna é /[Gheobhfá clocha thíos indruim na dúirlinne a d'fheilfeadh thar cionn dó sin]/ Nach diabhlaí an feochan a bhí aréir ann agus gur chuireadh aníos an snáth siúd thar dhruim na dúirlinne, agus ionann agus suas go dtí claidhe na curraighe … Anois céard adeir tú! / Fan suas go maith ar dhruim na leice / [Tá an-fhás bliana siar annsiúd ar dhruím na leice, ach bhí fuighleach againn thairti indiu. Beidh a shliocht uirre: gheobhaidh sí sceanadh an rabharta seo chugainn faoin a bheith slán duinn. Is maith an lear nach mór fós leis an ngarrdha seo thuas a leasú ar fad / Sciorr mé faoi'n gcléibhín ar dhruím na leice agus cuireadh amach ar mo bhéal agus ar mo m'fhiacla ins an locháinín mé. Níorbh í an tuairt a baineadh asam ba mheasa dhom chor ar bith, ach an scanradh. Tá na leacrachaí siúd an-bhealuighthe]/ An bhfuil a fhios agad céard a dhéanfainnse dhá mbadh mé thú? Thollfainn druím na leice annseo agus chuirfinn "blast" innte, agus ní bheinn ag sceidínteacht léithe chor ar bith … Beannacht Dé dhuit! Tá sé ro-ghar do'n teach! Nach bhfaca mise dhá gcur amach istigh i seomraí iad le bliain, agus ba bheag an millteanas a rinne siad / An dtomhaisfeá cé'n áit atá leagtha amach aige leis an teach a dhéanamh: thíos ar dhruim na leice siúd ar cholbh an bhóithrín. Ní thiocfaidh aon-deoir faoi go sleibhe ar chaoi ar bith. / Tá an t-uisce anois faoi dhruim na carraige = tá an charraig ionann agus folctha ag an taoille tuile / D'fhan mé uirre (: ar an gcarraig) nó go raibh an taoille tuile faoin a druim. Bhí an-mharbhú ar iasc ann. Is beag nachar baineadh mé ag teacht di isteach / Tá sé indáil le in a thuile. Nach bhfeiceann tú an t-uisce faoi dhruím Chloch an Mh. Níl tada di leis, ach go bhfuil lonnadh beag fós ar a barr / [Caithfidh tú a dhul suas ar dhruim na carraige ar fad]/ Níl druim ar bith ar an gcnoc sin. Tá sé an-ghéar, an-chíríneach / Tá druim breagh soir ar an gcnoc siúd. Is beag nach bhféadfá é a threabhadh — agus níl a fhios agam nach bhféadfá freisin — dhá mb'fhéidir seisreach a thabhairt ann /[Tá an teach soir amach ar dhruim an chnuic. Tá a fhios ag an lá gur righte an áit a bhfuil sé. Níl fascadh aige ar aon-tsinneán dhá séidfidh as aer]/ Céard atá orra má airigheann siad aon-phóilí ag teacht ach féithiú amach druim an chnuic, agus níl aon-ghoir breith orra, mara ndéanadh fear eolais é go díreach / D'fheicfeá an rossamh ag cairthiú anuas ar dhruim agus ar ghualainn an

chnuic sin, agus gan deoir as aer annseo. Ach is túisce go mór a ghníos sé báisteach thuas ar an gcnoc, ná anuas annseo ins na h-ísleáin /[D'ionnsuigh sé amach druim an chnuic ar maidin agus dheamhan dé a fritheadh air ó shoin, marab í an L. a thug sé air féin. 'Sí, má d'airigh sé aon-éadáil (: aon-deoir phoitín) ann]/ Bhí caoirigh againne muis thuas annsin ar dhruím an chnuic sin i gcaitheamh an tsneachta mhóir, agus dheamhan lá clóic' a bhí orra, nuair a chuadhthas ar a dtóir th'éis na cascairte. Nachar dhiabhaltaí an seasamh aca é! / Leag druim an leabhair anuas air agus coinneochaidh sí ó dhul thar maoil é /[Bhuail sé leadóg de dhruim an leabhair mar sin isteach ar an ngruaidh orm, agus leig sé mo chuid fola liom. Níorbh é ba chionntaighe ach mise a leig leis é, nachar chuir taobhach air. Ba é a bhí agam a dhéanamh leis]/ Tá druim an leabhair uiliog stróicthe. Is deas an chaoi é ar leabhar nuadh, ar íoc mé mo dhá scilling uirre, tá mí ó shoin / Tá druim an chárta seo ar fad geal /[Tá comharthaí ar dhruim na gcártaí uiliog aca. Ní imreochadh Rí na Méaracán orra. Is dona na gnaithí a bhí ort nach thíos in do phóca a choinnigh do dhá scilling, thar agus a leigean leis an dá ghleacaidhe sin]/ Coinnigh druim do chuid cártaí liom. Feicim an aghaidh glaice a bhíos agad i gcomhnaí / Tá druim an bhric sin an-rosach / "Druim an scadáin, bolg an bhradáin, agus cloigeann truisc — sin trí bheatha mhaithe do carraera" = [sean-fhocal] / Tá figheachán dhruim an ronnaigh ar a cuid éadaigh = cineál figheacháin atá ag dul i gcosamhlacht le druim ronnaigh /[Ní hé figheachán chnáimh an scadáin a bhí uirre, ach figheachán dhruim an ronnaigh]/ Ní hé 'chuile fhigheadóir atá indon figheachán dhruim an ronnaigh a dhéanamh. [D'fheicfeá culaith de'n fhigheachán sin igcomhnaí ar Ch. 'Ar ndú' tá a chliamhain annsiúd thiar in a fhigheadóir mhaith]/ Is deas slachtar an chulaith cheann-asna atá ar J. Th., agus figheachán dhruim an ronnaigh uirre. Is annamh a d'fheicfeá an figheachán sin anois chor ar bith / Spéir dhruim an ronnaigh atá ann anocht = "mackerel sky" / Ná bac le uair ar bith a bhfeicfidh tú spéir dhruim an ronnaigh. Ba mhó go mór a thaithneochadh an oíche aréir liom th'éis cho giobach agus a bhí na clabhtaí. / Shílfeá go bhfuil druím an ronnaigh thuas aríst. Tuilleadh de'n droch-uair, ní ag ceasacht ar Dhia é /[Tá an-chol agam le spéir dhruim an ronnaigh sin. Ní bheadh a fhios agad céard adéarfá léithe. Sílim féin go bhfuil an aimsir ag tarraint]/ Déan "druim bó" anois = cúig ins na clocha péire, nó ins na screaga. 'Sí an cúigeadh cúig í. Ceann de na clocha péire a chur ar dhruim

do láimhe, agus í a chaitheamh suas ins an aer. An cuid eile de na clocha péire a bheadh in do ghlaic a leagan ar an talamh, agus ceann an aeir a fhastú ag teacht anuas / Tá tú as. Chinn "druim bó" ort. Má's breagh leat é, tosuigh arís. Ach ní dhéanfaidh tú aon-chúis an geábh seo ach an oiread / Rinne tú "bolg bó" ceart go leor. Traoiáil "druim bó" anois. Mar seo … / Shílfeá go bhfuil bearradh droma aige ar na caoirigh = bearradh a tugtar ar chaoirigh faoi Shamhain, ar fhaitíos go bhfuighidís fuacht. Bearrtar an druim aca, ach fágtar an bolg gan bearradh / Ní fheicfeá an oiread ag tabhairt bearradh droma ar na caoirigh anois agus a thugadh fadó, igcruthamhnas duit go gcaithfidh sé nach bhfuil an aimsir cho fuar agus a bhíodh sí roimhe seo. Ní túisce lá Samhna ar fáil fadó, ná a chloisfeá 'chuile fhear a mbeadh caoirigh aige ag rádh: "sin é in a Shamhain é. Ní mór dhom an bearradh droma a thabhairt ar na cupla caora seo, nó ní sháróchaidh siad an geimhreadh". Is beag an bearradh droma atá anois ann, mara bhfuil sé ag lucht an tsléibhe. Ach ní fuláir dóibh sin é. Tá an fuacht mór faoi shliabh /[B'annamh liom muise an bearradh droma a thabh-airt ar na caoirigh, ach tháinig sé an-fhuar i mbliana. Ba é a chosamh-lacht an uair sin faoi Shamhain go dtiubharfadh sé geimhreadh cruadh uaidh. Ach inDomhnach shílfeá nachar tháinig sé cho dona sin fós, mara romhainn amach atá / Deir daoine go gcoinnigheann an bearradh droma siar na caoirigh, ach ní mheasaim féin go gcoinnigheann. Is fad ar a shaoghal é, má tá indán agus go mbíonn geimhreadh cruadh ann. Agus níl aon-gheimhreadh dhá bhfuil ag toidheacht anois nach geimhreadh cruadh é. Feacha an geimhreadh anuiridh …]/ M'anam a mhuirnín nach bhfuil siad againn, ní ag ceasacht ar Dhia é, le bearradh droma, ná bearradh bradach ná aon-bhearradh eile a thabhairt orra. Chailleadh dhá uascán bhreagha orainn anuiridh le cnuimhe, agus trí cinn an bhliain roimhe sin, agus dubhairt muid linn féin annsin ó thárla nach raibh siad ag eirghe linn nachar bhfiú duinn a bheith dhá (: dhár) meath féin leo, agus leig muid uainn ar fad iad / Tá tú ar dhruim na muice anois (: deirtear seo go minic in áit "muin na muice" mar is annamh an focal "muin" ar "dhruim" i nGaedhilge na Gaillimhe /[Tá sé ar dhruim na muice anois, má d'eirigh an posta sin leis. Nach ar dhaoine a bhíos an t-ádh thar a chéile, a Thighearna Dhé!]/ Tá sé ar dhruim na muice anois agus 'sé an

ceann céadna é a fhanóchas ann nó is cinneamhaint air é / Bhí sé ar dhruim na muice má b'fhíor dhó féin 'nuair a phós sé í sin, ach in a leabaidh sin, 'sé bóthar na muice báine amach atá sé a fháil anois. Ní de'n chríonnacht an chínnteacht i gcomhnaí — ní h-eadh sin /[Tá léithe anois. Tá sí ar dhruim na muice má tá an mac ins an mbaile aice. Is fada ag tnuthán í go dtiocfadh sé]/ "An rud a chruinnighthear ar dhruim an diabhail imigheann sé ar a bholg" = má fhaightear rud go h-éagcórach nó go mí-dhlisteannach, imigheann sé go dona, nó cuirtear droch-rath air aríst [sean-fhocal] /[Ní raibh aon-leathchuma faoi'n saoghal nach ndearna sí sin ar a dearbhráthair. Go fiú agus an pluid leabthan níor fhága sí aige í, an t-am ar bhásuigh an mháthair. Agus feacha anois í. Trí chéad punt curtha amach aice le dlí nach mbuachfaidh sí aon-phighinn go bráth air. Bhí sé cho maith di a dhul go díreach glan agus é a chaitheamh síos ins an bpoll is doimhne ins an bhfairrge leis an rud a rinne sí. Is cóir adeir siad: an rud a chruinnigheas duine ar dhruim an diabhail go n-imigheann sé ar a bholg]/ Níor fhága an ceann céadna bonn bán ar aonduine a raibh sé ag plé ariamh leis. Agus is dona an deis atá sé a chur air anois: ag imeacht dhá ól le súdairí. Ach an rud a chruinnighthear ar dhruim an diabhail, imigheann sé ar a bholg /[Ar chuala tú ariamh é an rud a chruinnigheas duine ar dhruim an diabhail, caitheann sé ar a bholg é. Sin é a fhearacht ag J. anois é. Ní hé leath-chóir Dé é go bhfuil an mac ag ól mar atá sé. Chaithfeadh Dia é féin a fhoillsiú air, ar chaoi eicínt, agus a liachtaí pighinn cham a bhain sé amach ins an siopa sin ariamh. Ní raibh aon-chneamhaire gan chrochadh ach é sin. Nachar chuir sé faoi ndeara do D. Bh. N. annsin thiar fiacha a íoc faoi dhó]/ Agus tá an inghean ag dul ag pósadh an spreallaire sin th'éis a bhfuil de mhílte aice. Cé'n chaoi a dtaithnigheann sin leis an athair. Ní cheapfainn go mbeadh aon-ghnaoi mhór aige air siúd mar chliamhain. Déanfaidh sé aithgiorra an chuit thríd an ngríosaigh ar spré na h-inghine. Ach tuilleadh diabhail ag an athair. Ní bheadh Dia thuas nó d'agróchadh sé air é. Chaith sé a shaoghal ag sladadh dilleachtaí agus baintreachaí agus daoine dona. Anois b'fhéidir go dtiocfadh sé ar ais ar a mhéis féin chuige. Is gearr a bhéas an cliamhain siúd ag dul thrín a chuid mílte. Deir siad an rud a chruinnighthear ar dhruim an diabhail go n-imigheann sé ar a bholg. Is olc í eascainí baintrighe. Is dual di fearadh i gcomhnaí / Bíodh a fhios agad, nach mbeadh agad ach é a mheabhrú dhó sin agus go mbainfeadh sé

airgead de dhruim an diabhail. Is duine an-triollúsach amach agus amach é. Thosuigh sé annsin thoir agus gan sciúrtóig ó Dhia aige … /[Ná bac le na Ghiúdaigh! Chonnaic mise i Meriocá iad. Dhéanfaidís brabach ar dhruim an diabhail, ach chreidim gurb air a dhruím a ghníos siad é — dhiúltaigheamuid dhó féin agus dóib féin!]/ Mhairfeadh sé sin ar dhruim an diabhail lá agus gur fhéad sé maireachtáil ab uil siad sin. Ní bhainfeadh aon-duine eile faoi'n mbogha gréine ceart díob ach é féin. Dar mo choinsias bhain agus ceart maith. /[An fheamainn bhuidhe sin bhainfeadh sí fataí de dhruim an diabhail. Cheannaigh mé lucht di ó fhear aniar amach an bhliain cheana, agus leasuigh mé garrdha Dh. Fh. annsin thuas léithe. Níl aon-bhliain roimhe sin le mo ghéar-chuímne dhá raibh sé faoi fhataí nachar loic siad. Beannacht Dé dhuit a mhic ó, bhí an-bharr air. Dheamhan thiomanta fata dhá raibh ann nach raibh cho mór le gruadhán cloiche. Dar príosta leasóchaidh mé aríst imbliana léithe é, má eirigheann lucht di liom in áit ar bith]/ Dar diaguidhe, dhéanfadh an cráidhteachán sin slí amach ar dhruim an diabhail, ní hé amháin a mhalrait. Bean ar bith a bhí ag cur trí scóir uibheacha go G. chuile Shatharn dhá n-eirigheadh ar a súil an geimhreadh seo (gha)bh thart! Sin í an cailín nach ndrannann Seascach na gCearc len a cuid cearc. Ní hé sin do cuid eile againn muis. Ní raibh ubh le cur ar a mbéal againn ó lá 'eil Míchil go Lá 'eil Bríde /[Tá fear R. an Mh. ag maireachtáil ar dhruim an diabhail. Níl tada timcheall air ach leacrachaí. An teirgéis talmhan' atá aige, níl spreab ar doimhneacht ann. An cladach féin atá ann, tá sé cho lom cho feidheartha le croidhe do bhoise. Níl an feamainn ná an cairrgín ná tada eile ann, ach cuid an bheagáin. Níl a fhios agamsa faoi mo righe cé'n chaoi a maireann duine ar bith i R. an Mh., tá an áit cho maoilscreamhach cho bocht sin. Diabhal mé in a dheidh sin nach bhfeicfeá cheal ar bith orra shílfeá: Ach níor dhúin Dia ariamh bearna nach n-osclóchadh sé ceann eile]/ Fear ar bith atá istigh ar an mbaile sin, tá sé ar dhruim an diabhail críochnuighthe. Tá paca amhus ann, nach bhfuightheá a leithidí eile dhá gcuirtheá slat chruínn ar Éirinn. Ní dhéanfadh duine ar bith thar baile amach cúis annsin ach duine a mbeadh féith ó L. [: teallach eigcéill mí-chliúiteamhail atá ins an áit] ann. Duine a sclamhfadh, agus a changlóchadh, agus a sháithfeadh agus a mhartróchadh faoi agus thairis … / Is géar an sinneán atá ann anocht. Tá an ghaoth adtuaidh sin ag eirghe de dhruim sneachta = ag teacht as áit a bhfuil sneachta

ann, agus is tuar é a gaimh go bhfuil sneachta air /[Tháinig siota bheag gaimh-
eamhail isteach thrí shiuntaí an doruis annsin aréir, agus dubhairt mé ar
an bpuínte le M. Bh. a bhí annseo ar an teallach go mbadh siota é a
bhí ag eirghe de dhruim sneachta. Mo léan géar b'fhíor dhom. An uair
a chuir mé amach mo chloigeann ar maidin bhí sé ag biadhú leis / Mara
bhfuil mearbhall mór ormsa a mhic Uí Ch. sin gaoth atá ag eirghe de dhruim
sneachta. Tapuigh an portach agus is cuma dhuit ins an diabhal cé'n chaoi a
dtiocfaidh an uair annsin. Ach mara mbeidh an fóidín móna istigh agad
le do luirgne a bhreacadh, is fear in an-chaoi thú annsin, deirimse leat]/
Sin beochan gaoithe a tháinic de dhruim seaca. Chonnaic mé cluiche
de na géabha fiádháine ag dul ó dheas anocht, agus tá an spéir
an-lasta. Ní bheadh lá iongantais orm dhá gcaitheadh sé stráicín
shneachta féin. Tháinig an-fhuacht ann ó thús oíche / Ní raibh cóta mór
ná a dhath orm, agus bhí séideogaí tollta ann — gaoth a bhí ag
eirghe de dhruim seaca, arae bhí troigh seaca ar an talamh cupla
lá in a dhiaidh sin. Ba í an oíche ba mheasa í sílim a raibh mé amuigh
ariamh. Is beag bídeach nachar deallruigheadh mé. / An bhfaghann tú an
baladh. Sin gaoth atá ag eirghe de dhruim ceilpe. Is furasta 'aithinte
ar an mbaladh sin é. /[Bhí oíche shíorraidhe bháistighe ann agus an aimsir
an-mharbhthánta. Bhuail mé féin síos an bóithrín ar maidin. D'eirigh
beochan beag gaoithe. Fuair mé féin an baladh. "Sin gaoth atá ag eirghe
de dhruim dubhachain" arsa mé féin le M. Ch. a casadh liom ag an gC.
"Ní féidir go mbeadh sé in a dhubhachan cho luath seo ins an mbliain"
adeir M. Soir leis an mbeirt againn de mhaol a' (ar) mainge inGarrdha
Árd T. Mh. Bhreathnuigh muid ar an mbarrainn. Bhí siad cho glas leis an
eidheann, ach bhí na dasachaí thíos fútha rodtha as éadan, agus leagfadh an
baladh bréan a bhí uatha thú]/ D'aithneochthá ar an ngaoith atá ann in
a dheidh sin, gur gaoth í atá ag eirghe de dhruim an tsáile. Tá sí
breagh úr agus gan fuacht ar bith innte / Sin braoim ar chuma ar bith
a deirigh de dhruim caca. Marach gurb eadh ní fhéadfadh sé a bheith
cho bréan agus atá sé. Tá tú tolgtha a dhiabhail, nó d'ith tú rud
caillte eicínt. Níl a fhios agam nach ndeachaidh tú ag comórtas
le na madraí faoi shean-chapall an tincéara a cailleadh annsin
thíos arú (: arbhú) indé. Oscluighidh a bhfuil de dhoirse ar an teach
nó bréanfaidh sé muid / Is diabhlaí an leac atá briste aca, agus í ag

eirghe de dhruim a chéile = bheadh siuntaí treasna innte, agus thiocfadh sí leat in a bréidíní gan mórán stró, ach a mbristheá an chéad chuid / Chaith muid suas in a carra í idtús bliana agus fágadh mar sin í. M'anam agus ná raibh ag an diabhal i dtús na Bealtaine, 'nuair a bhí breith againn a dhul ar an bportach go raibh sí (: móin) ag eirghe de dhromannaí a chéile agus an t-uisce ar fad fáiscthe aisti. Ní raibh a dhath ariamh le déanamh againn léithe ach a baint as a toirt agus a scaipeadh amach rud beag. Bhí sí in a snaoisín ar an bpuínte /[Sílimse nach call "blast" ar bith de'n chloich sin. Tá siuntaí innte agus scoiltfeá í le geanntrachaí. Dhá bhféadthá sceabhadh ar bith a bhaint di, d'eireochadh sí de dhruim a chéile. Is furasta 'aithinte uirre é]/ Tá aoirde crann luinge d'fheamainn thíos annsiúd agus í ag eirghe de dhruím a chéile cheal aonduine a thóigfeadh í. Ba mhór an sciobadh a bhí aca uirre le bliain, dhá gcailleadh féin ag imeacht roimhe lá in a h-éadan, ach tá cead lobhadh aice annsiúd anois, agus gan iad ag féadachtáil freastal di / [Bhí mise ag obair i gcoiléar sclátaí i Sasana — i Wales ab áil liom a rádh. Chonnaic mé an oiread sclátaí ann in aon-chnoc amháin agus a chuirfeadh ceann ar a bhfuil de tighthe in Éirinn. Sé a raibh le déanamh gob na piocóide a thabhairt di agus bheadh na sclátaí ag eirghe de dhruim a chéile agad (: chugad)]/ Ní clocha coiléir atá ann ach clocha reatha. D'eireochaidís de dhruim a chéile gan anró ar bith mar d'fheicfeá brioscaí i mbosca. Ba mhór an spóirt lá oibre a dhéanamh ann — gan sórt stró ar bith, ach ag obair leat de réir do láimhe igcomhnaí. Níorb é sin do'n choiléar thiar é. Dar priacaidhe, chaithfeá a bheith ar do mhine-ghéire annsin i gcomhnaí má b'olc maith leat é. Chaith mé trí seachtainí annsin arú (: arbhú) anuiridh, agus ní raibh ionnam ach na cheithre eite nuair a bhí mé réidh leis // Cheannuigh sé an chruach faoin a druim = gan í (: cruach mhóna) a cheannacht in a sceidíní ná in a mhionchuideanna, ná de réir an ualaigh, an tonna ná eile, ach a ceannacht in a toirt mar a bhí sí /[B'fhearr a dheanfá-sa ar an gcruaich sin len a dhíol de réir ualaigh, ná a díol faoi'n a druim mar sin. Tá an mhóin sin an-tseasmhach, agus is beag de'n díogha atá innte. Nach h-í cloch-mhóin an phortaigh thiar is mó a chuir tú innte. T'anam ó'n diabhal nach bhfuil meadhchan an ghuail innte sin]/ Coinnigh daingnighthe air anois, agus ná díol oiread agus

ualach amháin leis aiste, mara gceannuighidh sé faoin a druim uait í.
Má theigheann tú ag sceidínteacht léithe ní bheidh a leath oiread dhá
barr agad agus a bheadh len a díol faoin a druim. Cuileálfaidh sé 'chuile
fhód fliuch ag gabhail léithe. Feicfidh tú féin air gur díon déirce
leis a fáil amach annseo nuair a bhéas sí gann. Beidh sí thrídh lasadh
faoi Fhéil' Bríde seo chugainn / Ab iad a ndíol faoin a ndruim nó
a ndíol de réir an chairr a rinne sé lena clocha. Cheapfainn go
mbadh samhaoinighe dhó a ndíol de réir an chairr. Is deacair buille
faoi thuairim mar is ceart a thabhairt do chlocha mar sin. / Ná
bí ag caint ar charr ná ar charr! Ceannuigh an coca mar a
fheiceas tú é faoin a dhruim, ná fág do dhiaidh é. Is deas í mo
cheird, dhá leagan druim ar ais le carr a thabhairt duitse as,
agus a dhéanamh ar ais aríst. Tá mé sáthach meathta mar atá mé
agus gan tosuighe ar cheird de'n tsórt sin / Ba mhó go fada a bheadh
de bharr an choca agadsa dhá ndíoltá in a charrannaí ar an
margadh é, seachas a dhíol faoin a dhruim istigh in t'iothlainn
féin. Tá féar in a ór anois, arae tá an farae uiliog ídighthe.
Bhí an bhliain an-dona / Faoin a ndruim a dhíoltar na muc uiliog ann.
Ach bíonn margadh muc annseo thoir gach Céadaoin, agus de réir an
mheadhchain a dhíoltar ann iad. 'Sé an cás céadna é, ar aon-chor.
Dheamhan ceo a gheobhas tú orra len a ndíol faoin a ndruim ach an
oiread agus dá meaidhtí dhuit iad. Níl aon-bhuille bog ins na ceannachthóirí
deirimse leat / Thug sé breith agus dá roghain dom margadh a dhéanamh
liom len a díol faoin a druim nó a meadhchan. Facthas dom nach
raibh mé ag fáil mo dóthain dhá shásamh leis an méid a bhí sé a
thairiscint dom uirre faoin a druim, agus thug muid isteach ins an
"ngeáird" í gur mheadhuigh muid í. Seacht gclocha déag gan a
dhath aige ná uaidh a bhí sí ar a cois. Déarfá nach raibh aon-chailleadh
uirre ina muic / Thiubharfadh sé sé phunt agus dhá fhichead dom uirre faoin
a druim. Níl a fhios agam nach mór an dul amú a bhí orm gan a
leigean leis, arae 'sé sin an fáth, dheamhan sé lorry mar atá
aige-san atá istigh in a corp, ná baoghal uirre. Dar príosta
má thairgeann sé aríst dom é agus é dhá cur coróin nó deich
scilleacha eile, beidh sí aige // Chuir an méid sin dhá dhruim uiliog é =
chuir an méid sin dhá bhuille, nó as cor ar fad é = rinne sin cíor-

thuaithbheall dhe críochnuighthe = chuir sin an driúll ar an dreall air
= that completely upset his plans, or disconcerted him /[Bhí sé ag dul
siar ann bog te nó gur dhubhairt M. B. leis ag séideadh faoi, nach raibh
de spré aice ach fiche punt. Shílfeá go raibh thob ann agus thob as aige annsin,
ach ní maith gur chreid sé é in a dheidh sin. Ach casadh M. in a bhealach ag
ceann an bhóithrín agus dubhairt sé leis go raibh mac S. Th. Sh. ann an oíche
roimhe sin, agus mara bhfuair sé í, go bhfuair sé ugach maith. Chuir sé
sin dhá dhruim ar fad é i gceann 'chaon tsórt]/ 'Bhfuil a fhios agad céard
a chuir de mo dhruim ceart críochnuighthe mé, an chaint a chaith tusa.
Well, bhí mé siúráilte glan nach bhfeicfinn aon-amharc go bráth aríst
air. Is mór an nidh a dhul ag baint mealladh as duine mar sin.
D'agróchadh Dia ort é, bíodh a fhios agad /[Bhí sagart thiar annsin ag
seanmóireacht uair. Séard adubhairt sé go mba é an t-ól
a chuir na h-Éireannaigh ariamh dhá ndruím aon-uair dhár fhiach
(: fhéach) siad le tada a dhéanamh. "Ba mheasa go mór fada do mhuin-
tir na h-Éireann an druncaeracht" adeir sé "ná Sasanaigh". Níl
sí go maith. Tá a fhios ag 'chuile dhuine againn é sin]/ Shílfeá nach ndeacha
sé ag an gcéilidhe. Céard a bhac é meastú? Bhí sé le dhul bog te
ar maidin ann. Chuir rud eicínt dhá dhruim é muis. Marach gur chuir
ghabhfadh sé ann agus cho líomhtha agus a bhí sé chuige / Bíonn sé ag gabhail ag
pósadh 'chuile mhí ins an mbliain, ach cuireann rud eicínt dhá dhruim
é i gcomhnaí, má's fíor dó féin. [Anuiridh bhí sé "socruighthe" tigh
Sh. L. ach níor phós sé í in a dheidh sin. Deir sé féin go dtáinic scéala
as Ameriocá aige na laetheanta céadna gur bhásuigh dearbhráthair
leis ann. Is tráthamhail go mbíonn rud eicínt len a chur dhá bhuille
igcomhnaí. Sílim go bhfuil sé fearacht go leor eile: thob ann agus thob
as aige, agus faitíos air 'nuair a theigheas sé ar an scian is géire
nach mbíonn sé dhá fháil sáthach maith. Dheamhan duine a chonnaic
mé ariamh ar an ealadhain sin, nach mbuailfí air í — ágóid
eicínt — ins an deireadh. 'Sé dioghaltas Dé é]/ Ara bíodh unsa
céille agad a dhuine sin. Ní chuirfeadh rud fánach mar sin duine ar
bith dhá druim. Ar scáth focal cainte. Tabhair cead a gcinn
dóibh. An uair a bhéas siad tuirseach eireochaidh siad as. Má thug-
ann tú áird ar sprus-chaint de'n tsórt sin, beidh tú thar bharr
do chéille 'chuile lá ins an mbliain / Is diabhlaí an báireóir é M. Bh.

Tá sé an-tráthamhail go deo. Chuir an cúl sin a chuir sé amach muintir an Ch. dhá ndruim uiliog. Níor fhan maith ná maoin leo uaidh sin amach. / Bíonn gláimhthéisc agus gárdaí an tsaoghail mhóir aige. Shílfeá len a chloisteáil ag clabaireacht mar sin go ndéanfadh sé cat agus dá rioball, ach is furasta a chur dhá dhruim in a dheidh sin. Níl aon-chur leis ann nuair a theagas an crudh ar an táirnge /[Dar fiadh muis, níl sé cho réidh sin C. a chur dhá dhruím má chaitheann sé rud in a chloigeann ceart. An bhfaca tú an uair ar shíl an sag-art a bhacadh faoi'n talamh. Dar príosta níl a fhios agam cé aca is mó a raibh deifir ag imeacht an lá sin air — ar an sagart, nó air féin. Duine an-intinneamhail é C.]/ Mara bhfuil indán agus go bhféadfaidh na Gearmánaigh anois a gcur dhá ndruim le ínntreacht ar bith eile, tá faitíos orm go mbuailfidhear iad. [Is suarach an t-íongnadh é agus a bhfuil d'amhuis ins an domhan in a n-éadan. Ní fhéadfadh tír amháin dhá fheabhas í a bheith inchinnte ar an domhan ar fad]/ 'Sé'n t-ól a chuir dhá dhruim é. Marach sin, ní raibh cinneadh go deo leis. Deir siad rud ar bith a léighfeadh sé nó a chloisfeadh sé uair amháin go raibh sé aige len a shaoghal. Nachar mhór an feall é. Ach tá ag duine an t-ól a sheachaint. Mara seachnuighidh, beidh a chuid féin ag an ól. // Tá mé curtha de dhruim seoil agad = mé a chur as rud a dhéanamh; mearbhall a chur orm faoi'n rud a bhí fúm a rádh, nó mé a chur amú ar mo cuid chainte; mé a chur as cor nó as cúrsa, nó as mo bhuille; rud a dhíothlaithriú, a chur in ísle-bhrigh nó a chlaoidhe; fiar nó leath-bhord a bhaint as rud; mearbhall, dul-amú nó ciméar a chur ar dhuine; agus rl. / Ní chomhnóchaidh tú nó go gcuirfidh tú an gearrbhodach bocht eile de dhruim seoil, th'éis an tsaint atá aige ins an ngearrchaile sin. Ba cheart duit scruball a ghlacadh ann. B'fhéidir go ndéanfadh duine eicínt an cleas céadna ort féin fós /[Bhí an saoghal ag féithiú leis thar cíonn, ach chuir bás a mhná de dhruim seoil é. Uaidh sin amach leig sé siléig is 'chuile sórt, agus dhíol sé an áit ar fad ins an deireadh. Is dóigh gurb é Sasana a thug sé air féin. / Is deacair deirimse leat Debhalera a chur de dhruim seoil anois … 'Ar ndú, seo é aríst é. Bíodh a fhios agad go bhfuil sé cho daingnighthe anois, agus nach gcuirfidhear as an áit a bhfuil sé é go ceann fiche bliain ó indiu. Foighid ort go

go bhfeicidh tú!]/ Tá faitíos orm go gcuirfidh siad an Ghearmáin de dhruím seoil dhá fhada go dtí é. [Ní congnamh maith di na tíreannaí eile sin ar fad a bheith ag eirghe as an gcogadh. Fágfaidh siad in a cadhan aonraic í ins an deireadh]/ 'Sí do chuid clabaireacht' a chuir de dhruim seoil mé. Tá sé ag dul 'un seachmaill orm anois. Foighid ort go dtosuighidh mé aríst é. Ní raibh focal dó (: dhe) sin, nach raibh agam ó thús go deireadh scathamh. Ach tá an chuímne ag imeacht uaim uiliog anois /[Ní chomhnóchaidh siad len a gcuid dlí go gcuiridh siad de dhruim seoil an duine bocht. Cé'n t-údar atá aca dhó anois? Breagh nach leigfidís dó. Siúd é atá orra: ag iarraidh a dhíbirt as teach agus as talamh atá siad, go mbeadh a bhfuil ann aca féin]/ Ag an mbaile seo aghainne a bhí buadh troda ariamh, ach shílfeá go bhfuil muid de dhruim seoil le goirid ag an gC. Dh. Ní raibh sé amhlaidh scathamh muis. Ba bheag an sceaimhínteacht deirimse leat a bheadh ag an dream sin, ag dul thar bóthar an bhaile seo. Ach airigheann siad an líne atá suas anois ann claoidhte / Bhí T. Ch. agus R. B. oíche ar meath ar na ronnaigh. Tháinic siad isteach ar maidin nó indeireadh oíche, agus an bhfuil a fhios agad cá raibh siad: ins an gcrompán sin atá síos faoin A.
Fh. Bhí an oíche cho geal leis an lá. Níl a fhios aca anois ná an lá sin céard a chuir de dhruim seoil iad. Ba mhaith meabhrach an fear igcurrach é R. B. /[Tá togha an amhráin aige sin. Dheamhan díos (: níos) fhearr a chuala tú ariamh. Agus in a dheidh sin féin ní bhfuair sé comhaireamh na sop i mBaile Átha Cliath ag an rud sin a bhíos ar siubhal ann … an t-Oireacht-as, is fíor dhuit. Deir an dream a chuala é nach raibh rath ar bith leis. An iomarca a bhí ólta aige is cosamhail. Sin é a chuir de dhruím seoil é. 'Sé a bhí deas air]/ Fear an-áirdeallach a bhí annsin ag tiomáilt mótair. Ní óladh sé deoir ná snig. Agus feacha in a dheidh sin gur cuireadh de dhruím seoil é. Cuireadh agus i lár an lae ghléigil freisin. Dheamhan carr a chuaidh ariamh cheana ins an áit ar cuireadh é. Deir siad nach leithne an t-aer ná an timpiste. Is minic amhlaidh é, inDomhnach / Chuala mé go raibh an máistir scoile seo thoir de dhruim seoil faoi dheireadh thiar thall, dhá fhada dhá ndeachaidh sé leis. Níl aige ach an mhí seo: tá sé briste. Bíodh sé buidheach dhó féin anois faoi ghéilleadh do dhroch-chomhairleachaí. An té a chuirfeadh comhairle a leasa air, ní bheadh aige air, ach meas magaidh. Múinfidh an saoghal anois é /[Sin é a chuir na "Blue -shirts" de dhruím seoil annseo. Mharbhuigh siad é, lé'r bhuail siad air, ach ba chuma sin. Bheadh sé in a choileaichín aríst lá ar na bháireach, agus é faoi dhó cho

líomhtha aca agus a bhí sé roimhe sin. Spreag sé na daoine in a n-aghaidh cho mór sin, agus nach raibh goir aca léine ghorm a fheiceál ar thom féin nach ndéan-faidís míle píosa dhi. An gceapfá choidhchin le breathnú air anois go mbeadh an oiread sin díocais ann. Is corr-dhuine a cheapfadh]/ Bhí sé thar am an obair sin (: roint a bheith ar fheamainn dearg agus ar fheamainn reatha) a chur de dhruim seoil. Ba deas í mo cheird muis: a dhul síos 'un a' chladaigh agus an ceathramhadh cuid de'n méid a gheobhfadh T. Th. a fháil, faoi rádh agus go raibh dhá ghabhaltas aige-san agus gan agam-sa ach leath-ghabhaltas. Is cosamhail go gcuireadh Dia gaoth andeas ann le go mbeadh a cheithre oiread tairbhe aige-san uirre agus a bheadh agamsa. /[Ar an dá luath agus a mbeidh an cogadh thart a mhic ó, cuirfear an mhóin de dhruim seoil aríst. Meas tusa an mbeidh lucht bailte móra sásta móin a cheannacht aríst, ach a dteagaidh fairsingeacht ar an ngual. Diabhal baoghal in a gcroiceann orra. Níl ann ach a (: an mhóin) tapú anois cho uain agus atá pighneachaí beaga dhá barr]/ Ní thaithnigheann liom an chorruighe atá agad ar an teine sin chor ar bith anois. Bhí sí ag cnádadh go breagh gur thosuigh tú ag dochtúireacht uirre. Is mór m'fhaitíos go gcuirfidh tú de dhruim seoil ar fad í. Tá geis ar an teine sin nach bhfuil aon-duine indon a deargadh ach mise. 'Sí an tuagh a bhaint as láimh an tsaoir duitse a dhul in a h-éadan / Níl aon-áit ó thígh deamhain go tígh diúin dhá mbeadh an ceann céadna ag tarraint ann nach gcuirfeadh sé de dhruim seoil. Bhí sé annseo aréir, agus shaghd sé an tsean-lánamhain sin in árachaí a chéile. Tá mé ag ceapadh nachar chuala aon-duine iad ag rádh focal arranta le chéile cheana le deich mbliana. Ach thairg sean-Mh. aréir maide a chur imbéal Ph. Sin é buac an aidhbh-eirseora sin: ag fáil ghrínn ar dhaoine ag troid / [Chuir sé dhá dhruim é le'r ól sé = bhánuigh sé é féin le'r ól sé. (Feic "de mo dhruim" agus rl. thuas) = chuir sé de dhruim tighe é féin le'r ól sé = chuir sé de thaobh tighe é féin le'r ól sé]/ Ní chomhnóchaidh sé go gcuirfidh a chuid óil dhá dhruím é / 'Sé'n peann a d'fhága dhá dhruim é. Bhí sé ro-ghasta ar fad leis, ag cur isteach leitreachaí faoi 'chuile dhuine. Chuir sé isteach ceann eicínt faoi dheireadh, a d'fhága a chosa nighte. Ní díol truaighe ar bith é. "Is mairg a bheadh go h-olc agus go bocht in a dhiaidh", is mairg sin. / Cuirfidh a chlann de druim tighe é, mara bhfuil ag Dia. = bánóchaidh siad é; fágfaidh siad ins an gcruth é, go gcaithfidh sé a theacht agus a sheilbh a dhíol nó a fhágáil /

Agus tá sé de dhruim tighe faoi dheireadh. B'fhada an seasamh aige é. 'Sé atá sé a thuaradh dhó féin le fiche bliain: sreothuidhthe na tíre istigh aige de shiubhal oíche agus lae, agus é ag caitheamh óil aca. 'Sé an t-iongantas é, nach fadó an lá ab éigin dó a shiopa a dhúnadh / Tá S. Ph. de dhruim tighe ag an shirriam. Tháinic sé ann indiu roimhe lá agus níor fhága sé luach leithphighne ag gabhail leis. In ómós 'chuile shórt chreidim a tháinic sé air. Nach bhfuil a fhios agad nachar íoc sé siúd aon-phighinn chíosa ná airgead acraí leis an tsíorruidheacht / [Is maith a chruthóchas S. Ch. nó cuirfidh an coinnleoir de mhac sin aige de dhruim tighe é dhá mhéad í a dheis. Tá sé in ainm agus a bheith ag dul in a dhochtúr ach sin í an dochtúireacht eile. An uair a bheadh aige a bheith istigh ins an gColáiste 'sé an áit a mbíonn sé thíos i bpárlús J. in éindigh le bean na mbrístí, ag cur óil uirre as cosa idtaca. Is maith an dóigh dhó a bheith ar an gceird sin! Deirim leat nach bhfágfaidh sé bonn bán ar a athair, sin nó tá airgead in a chocaí beaga aige]/ Th'éis go mbídís salach as éadan ar a dhútha (: dhúithche) ariamh, níor chuir an M. aon-fhear de dhruim tighe. Bhí sé géar go maith faoi'n gcíos, an té a bhí in acmhuinn a íoc, ach an té nach raibh, ní chuirfeadh sé thairis sin de thréas air. Ba bheag ab ionann é fhéin agus "máistirí" eile. Feacha an B. a bhí annsin thiar a chuir as seilbh as cnáimh éadain iad. Bhí grádh diadha ins na M. … Togha Caitlicigh a bhí ionnta / Is gearr go mbeidh sé de dhruim tighe agus áruis má mhaireann dó. Ní dhearna sé smeach ar bith imbliana thar agus ariamh. Láighe níor chuir sé idtalamh ó tháinic earrach nó gur imigh sé, cé's moite de na cupla súileóigín fhataí a chuir fear fánaighe dhó. Nach diabhaltaí an spreallaireacht atá air seachas aonduine. Bhí áit theoluidhe aige muise dhá dtugadh sé aire dhó. / Má shaitheann sí siúd a liodán ann, cuirfidh sí de dhruim tighe agus talmhana é. ['Bhfaca tú cheana an uair a chuir sí dlí ar Sh. T. Céard a bhí dhá barr aige. Bhí, é a bheith bochtuighthe ó shoin. Níor íoc a raibh istigh agus amuigh aige costas na cúirte dhó an uair sin. Is fiú í siúd a sheachaint. Ubhall na h-aithne í, diúltaigheamuid di]/ Má's leat gan a bheith de dhruim tighe, leigfidh tú de chúrsaí de'n tsórt sin. [Dheamhan duine ariamh dhá bhfaca mé ag plé leo, nach hé mála na déirce a d'fhágfaidís air ins an deireadh. Ag súil le gnóthachan a chailleas an cearrbhach adeir siad.]/ B'fhurasta duine a chur de dhruim tighe ins an am sin. Bhí an dlí uiliog dóib féin ag na tighearnaí, agus ní raibh aon-ghoir ag an duine bocht "druid" a rádh. Ach d'athruigh an saoghal ó shoin. Is maith an scéal gur athruigh. / Is beag an tsúil le Dia atá

ag an gcreachadóir bradach ag iarraidh an dílleachta bocht sin a chur de dhruim tighe. Nach beag an luadh atá ag an sagart a dhul agus é a bhacadh. Shílfeá go mbadh é an rud ba lugha dhó treampán eicínt a chur air. Ach is dóigh gur thug sé lán laidhre dhó len a chur in a shost // D'ól sé an pionta dhá druim d'aon-deoch amháin = ar fad; uiliog / Tá gloine aige, agus dheamhan fear ins an tír indon a h-ól dhá druim in éindigh. Tá cion trí cinn mar an gceann sin innte.

'Sé do chloch-neart a lán a iomchur /[D'ólfainn bairille pórtair dhá dhruím an puínte seo de ló, tá an oiread sin íota orm ó na faidhtíní sin. Bhí agam fuilint leis idtosach agus gan deoir ar bith a ól. Dhá ndéanainn sin bhí agam. Ach ó ólfas tú deoch ar bith, tá sé cho maith dhuit gan an soitheach a bhaint de do bhéal uaidh sin amach]/ Chonnaic mé S. B. a bhí annsin thiar ag cur galún pórtair ar a bhéal thoir tigh Dh. Sh. agus dhá ól dhá dhruim. Bhí an-bhruínn aige siúd dó ar aon-chor. Fear cumasach a bhí ann. Bhí druim aige cho leathan le clár an chomhra sin /[Seo purgóid anois duit agus chaith siar í … Níl maith ar bith dhuit a bheith ag blaismínteacht mar sin di. Ól dhá druim í.]/ Dhá bhfaighteá "saighead" (feic saighead), bhí agad deoch uisce a ól dhá dhruim shul a n-innseochthá d'aonduine go bhfuair tú í. Bhainfeadh sin an ghaimh aisti /[Cuirfidh mé mo rogha geall leat anois nach n-ólfa tú canna bláthaighe dhá dhruim. Sin é é. Níl acmhuinn ag duine mórán bainne a ól chor ar bith, ach d'ólfadh sé an tsáith bhuidhneach (Mhuimhneach?) de phórtar nó de fuisce. Cé'n chiall é sin]/ Tuilleadh tae annseo! Tá an cupáinín gágach seo ólta dhá dhruim agam. Bheadh agus a trí oiread dhá mbeadh sé ann. Tá mé spalp-tha leis an tart. / Aire dhuit! Tá sé thuas in éadan an "jug". Ólfaidh sé dhá dhruim é shul a fhéadfas aonduine é a thógáil uaidh. Níl cás ná náire fanta ann … Tá sé ólta aige anois, ach ní raibh ann ach an teirgéis déarfainn. "Jug mór fada agus bainne i bhfad siar," mar adeir an ceann eile / Th'anam ó'n "docks" é ól dhá dhruim é agus ná bí ag fágáil fuighleach ar bith ann. Ní mórán éadála é sin. Tá gasúir na tíre indon an méid sin a chaitheamh siar // Tá an lá thar druim anois = caithte nó ionann agus caithte / Corruigh amach. Siubhail uait go beo. Nach bhfeiceann tú gur gearr go mbeidh an lá thar druim, agus chúig mhíle bealaigh romhainn fós / Cá raibh tú aréir … áit ar bith!

Dar priacaidhe muis, bhí an oíche thar druím an uair a tháinic tú. Chuala

mé an coileach ag glaodhach eadarsuth go goirid roimhe sin. Ba é an tríomhadh h-eadarshuth aige é cheapfainn. Níl a fhios agam cá mbeadh aonduine go dtí an tráth sin /[Cá bhfios domsa cá raibh sé, ach tá a fhios agam go raibh an oíche thar druim 'nuair a tháinig sé ag an damhsa ar chaoi ar bith. Idteach ósta in áit eicínt a chaith sé an oíche. D'eile]/ Nach bambair -neach an rud nachar chuímnigh mé ar mo "watch". Dheamhan a fhios agam ó Dhia cé'n t-am ba cheart dó a bheith, ach tá an oíche caithte thar druím ar aon-nós. Nach shin í Réalta na Maidne ar an spéir / Bhí siad ag imirt chártaí nó go raibh an oíche caithte thar druim. Is diabhaltaí an cathú atá indiaidh na gcártaí céadna, ach níorbh iad ba mheasa, ach an ceann a d'fhága istigh iad go dtí an tráth sin, i leabaidh an bóthar amach a thabhairt dóib ag an h-aondéag a chlog, agus cead aca a theacht leis /[Má bhí aon-cheo ariamh ann, ba mheasa ná é féin, chaithfeadh sé sin a fheiceál, arae níor tháinic sé isteach ó chuartaidheacht ariamh go mbeadh an oíche caithte thar druim. Ach feiceadh sé aon-cheo nó ná feiceadh; níor chuir sé aon-chúl air ar chaoi ar bith]/ Tá an lá caithte thar druim, agus gan déanta againn ó mhaidin ach cuid an bheagáin. Ach níl siar ná aniar ins na laetheanta seo — gearrógaí dubha na Nodlag. / Bhí an lá ag dul thar druim agus gan é ag tarraint anuas tada. 'Nuair ab fhada liom féin faoi dheireadh é, thosuigh mé ag baint spreabannaí ag an scéal, ach ní raibh faice le fáil uaidhsean, ach an nathaidheacht bheag sin a bhíos aige i gcomhnaí … / Bhí an oíche ag dul thar druim agus an fhéasta dhá caitheamh. D'eirigh an sean-phuicneach mór in a shuidhe faoi dheireadh agus faoi dhó: "a righ agus a Thighearna" adeir sé "is liom t'inghean. Shábháil mé ar an dragún í" /[Tá an lá ag dul thar druim agus gan an mhaith dhá déanamh. Nach breagh nach meabhrochthá dhó cé'n mheanmna a chas anoir muid. Nó an bhfuil fút é a fhágáil mar sin. Mara gcuiridh muid bealadh faoi na h-ioscadaí, beidh an dubh ar an oíche shul a bhéas muid ins an mbaile, agus cuímnigh go gcaithfidh mise freastal do bheithidhigh fós anocht. Mar sin má tá rún agad an scéal a thionnscailt, déan as láimh é gan níos mó deireannais a leigean ort féin]/ Cé'n sórt roighin -idheacht atá ort. Nach bhfuil a fhios agad nach bhfuil muid thar leath bealaigh fós, agus go bhfuil an lá ag dul thar druim. Is beag eile lae atá ann, agus beidh tús oíche anocht cho dubh leis an bpic / Is gearr a bhíos oíche an tráth

seo 'bhliain ag dul thart druim. Níl ann ach go ndúineann sí ar éigin, agus bíonn an lá ag fáinniú aríst ar an bpuinte. Ag fágáil na tórradha dhuinn ar maidin ag an ceathair a chlog, bhí aithne lae air an uair sin /[Dair leat is gearr an t-achar é, ach in a dheidh sin agus uiliog bhí an lá thar druim nuair a bhí mé ins an mbaile. Ach níl tapa ar bith fanta ins na cosa agam le goirid. Diabhal mé an uair a bhíos na beithidhigh seolta suas go dtí B. Sh. agam 'chuile lá go mbím séidthe, agus tabhair séidthe air scaithtí. Tá mo chuid coisidheacht-sa anois ar iarraidh, ní ag ceasacht ar Dhia é]/ Tá an lá ag dul thar druím agus gan an "rabhteálaidhe" seo ar fáil fós. Ach ní miste leis sin céard is cor do'n bhaile ach cead bóithreoireacht' a bheith aige féin. Tiocfaidh sé ar ball agus a ghoile in a ghlaic aige, ag strócadh mara leagtar bheatha in a mhiainis ar an toirt. // Tháinic sé de dhruim oíche = de shiubhal oíche; igcaitheamh oíche / Deanadh an méid sin ar fad dhe dhruim oíche. Ní raibh pioc air ag dul a chodladh dhúinn ins an oíche, agus bhí an bhail sin air ar maidin / Bhuail sé siar, agus níor chomhnuigh sé de dhruim oíche nó go ndeachaidh sé cho fada le U. Á. Bhí sé ann sul ar eirigh aonduine. D'fhan sé timcheall na sráide nó go raibh muintir an tighe ag eirghe. Ba é an chéad bhall é a chonnaic an deirbhshiúr ar an dorus a oscailt di ar maidin /[D'imighidís as seo fadó leis an gcontráth, agus bhídís i mB. L. R. de dhruim oíche. Ba mhinic a dhean m'athair é go ndéanaidh Dia trócaire air. Dar príosta ba mhaith buan an giota bóthair é freisin, ach bhí na buinn ar foghnamh ag an dream a bhí ann an uair sin, ní hé sin do'n dream atá ann anois.] / Beidh tú ann gan stró ar bith de dhruim lae, má imigheann tú in am. Cá'id d'aireochadh do leithide-sa é, bail ó Dhia agus ó Mhuire ort, fear láidir scafánta mar thú. Ní mó ná sean-chrupach mar mise, nach bhfuil aon-lúd fanta ionnam anois a ghlacfadh drugal roimhe. Ach an uair a bhí mé in mo bhrithin (: bhithin) óg … / Bheadh sé déanta gan stró agad de dhruim lae dhá dtoisightheá ar mhochóirí agus gan aon-bhuille marbh a leigean in do chuid saothair go dtí taca árd-trathnóna. Cuirfidh mise geall leat go bhféadfaidh tú an gort a fhágáil roimh an sé a chlog. / Is gránna an saothar atá déanta annseo thíos de dhruim oíche. Ar maidin indiu, fritheadh trí cinn de bhuláin le D. agus na drible bainte dhaobhtha amach ó'n dúid. Anois an bhfuil biseach agad? // An bhfeiceann

tú S. Ó. B. annsin thoir. Deir siad gur eirigh sé sin maidin agus é liath de dhruim oíche amháin = de bharr, indiaidh, taréis / Bhí M. Ó. M. i mbád oíche. Oíche mhór a bhí innte, agus fuair sé cnáimh le creinneadh na h-aobha a thabhairt leis. Deir an dream a chonnaic é go raibh sé liath de dhruim na h-oíche sin. Ar aon-chor is len a linn a thárlaigh sé. Tá sé cho liath le broc le na cianta /[An gcreidfeá go liathfadh ceann duine de dhruim oíche — oíche amháin. Chreidfinnse é. Is mór atá imní nó faitíos cráidhte indon a dhéanamh. Tá a chomhar-aidheacht len a chois. Chonnaic mé é. Chonnaic mé fear a raibh gruaig air cho dubh leis an bhfiach. Chonnaic mé é mar a d'fheicfinn indiu é, agus lá'r na bháireach, ba liathcha é ná aonduine dhá bhfaca mé in mo shaoghal ariamh. Is fíor dhom é. Ba é an teas-bánadh is mó dhá bhfuair mise ariamh é. Ní raibh oiread agus an ribe in a comharaidheacht féin ar maidin. Tá aithne ag cuid agaibhse ar an bhfear cho maith liomsa …]/ Thug na Black and Tans leo é ins na lorries agus gan falach dhár dhealbh an ghrian air, ach an oiread leis an oíche ar rugadh é, agus níor chomhnuigh siad gur fhága siad ar thráig an L. Bh. é agus an snáth feamainne in a mhullach. D'fhuagair siad annsin air eirghe agus rith. 'Séard a bhí siad a iarraidh go gcaithfidís é. Ach dheamhan a chos a rithfead. Rinne sé a chríonnacht ins an méid sin ar chaoi ar bith. Chroch siad leo aniar aríst é agus thug siad isteach ins an mbearraic é, agus thosuigh siad dhá lascadh le beilteannaí. Níl a fhios cé'n spídeamhlacht a thug siad dó. Tháinic sé amach as an mbearraic sin uair eicínt leis an dearg-mhaidin, agus gan aon-ribe dubh in a cheann de dhruim na h-oíche … Is mór a chonnaic é. Nachar bheag an dochar dó. Ní bheadh tuilleadh beo chor ar bith dhá dteighidís thríd an oiread sin / Chuaidh sé soir annsin agus bláth na h-óige air. Tháinic sé anoir tráthnóna agus é in a shean-fhear de dhruim an lae sin. Rud ar bith ach nach raibh sé cromta. / Thug sé an bás in a chnámha leis de dhruim an lae sin. Ar a theacht abhaile dhó ní íosfadh sé tada. Bhuail siar a chodladh dhó. Níor eirigh sé níos mó. Bhásuigh sé faoi cheann cheithre lá /[Chuir sé geall as gaisce go gcodlóchadh sé ins an seomra. Bhí a cheann liath fré chéile ar maidin de dhruim na h-oíche sin, agus bhuail saobhchan é go dlúth in a dhiaidh: i gcruthamhnas duit go gcaithfeadh sé go raibh droch-rud eicínt ins an seomra]// Cuireadh druim díbeartha air

uiliog as an tír seo. An t-am a raibh sé tugtha síos faoi'n ngearr-chaile sin thoir, chuaidh an sagart go dtí é, agus d'fhuagair sé air a bheith ag imeacht go beo deifreach, nó go gcuirfeadh sé féin ag imeacht é. Go deimhin, níorbh áirge mhór ar bith i bpobal é /[Ar an mbaile seo a bhí sé taithighthe uiliog tamall, ach cuireadh druim díbeartha air as. D'ionnsuigh seala de na gearrbhodaigh oíche é. Dheamhan ceo dhá chuid millteanais a chonnaic mé, ach bhí le rádh in a dheidh sin go raibh sé ag tabhairt scaibhtéaracht faoi deara dhó féin insan aimsir deireadh]/ Is diabhlaí nach bhfuil deoir phoitín ar bith ins an tír anois. Bail ó Dhia ort féin agus ar do chuid póilíos! Bhí sé fánach ag na póilíos an ceann is fhearr a fháil air, ach 'siad na misinéaraí a chuir druim díbeartha air. 'Siad a bhí deas air. An uair a thosuigh sé siúd ag scaimhléaracht agus ag loscadh mionnaí mhóra, níor leig an faitíos d'aonduine gan a chomhairle a dhéanamh mar a mbeadh bairillín bréan — poll fataí d'fhear — mar é sin thíos ann, go díreach. Ach duine ar an dioscán é sin … Tá a fhios ag an lá gur imigh an tsubháilce as an tír an lá ar imigh an poitín. Ba é "Bainne Dubh na Féile" é dháiríre /[Meastú cá'id go dteighidh druim díbeartha ar na Sasanaigh as Cúige Uladh, nó an ngabhfaidh go bráth. Is fusa é a rádh ná a dhéanamh arsa tusa. Tá siad an-dubh ann, agus tá na Sasanaigh cho geanntáilte sin ann, agus go dtóigfidh sé aimsir a gcur de dhruim seoil. Déanann siad an-dícheannadh ar na Rúmhánaigh (: Rómhánaigh = Caitlicigh) thíos ann, nach ndéanann. Ó tá rútaí Chromail go daingean annsin fós]/ Ní fhágfaí in aon-choláiste faoin domhan é, nach gcuirfí druim díbeartha air as, mara indán agus go gcasfaí i gcoláiste "bligeárds" é go díreach. Bheadh sé in a cheann feadhain annsin = druim díbeartha a chur air = é a dhíbirt, a ruaigeadh, a ionnarbhadh, a chur chun bealaigh de'n bhuidheachas / Ba cheart druim díbeartha a chur ar na Ghiúdaigh sin ar fad as an tír, agus cead a thabhairt dóib a dhul ar ais go dtí an áit ar b'as iad. Ní éadáil ar bith ins an tír iad. Nach shin iad a chroch Mac Dé ins an gcrann. Chrocfadh agus aríst dhá bhfaghaidís luach saothair as a ucht. Is orra nach mbeadh

an mhairg. / Druim díbeartha a bhí a chur air fhéin agus ar a dhreám as an tír, agus cead a thabhairt dóib a dhul anonn go Sasana ó's ann atá a gcroidhe. Bhí anchion aca ar thighearnaí i gcomhnaí, ach ní fhaghann siad deis ar a gcuid brocamais a dhéanamh anois, mar a rinne siad roimhe seo do na B., nuair a chaith siad an bhean a bhí idtinneas cloinne amach chois an chlaidhe. /[Dhá bhfairsingigheadh na h-easógaí chuirfidís druim díbeartha ar na luchain agus ar na francaigh. Deirimse leat gur beag an luch ná an fhrancach a lonnóchas ins an áit a mbeidh siad sin]/ Meastú an féidir druim díbeartha a chur chor ar bith ar an sionnach. Tá an baile — an tír arsa tusa — sladtha aige. Céard adeir tú leis a d'árduigh leis cearc de'n tsráid annsin indé go deireannach, as comhair mó dhá shúl. Airigheann sé go bhfuil púdar gann. Marach sin is beag de'n tsireoireacht seo a bheadh air in aice na dtighthe // Fuair sé druím-dhiúltú uaithe = é a eiteachtáil amach agus amach; gan fiacail a chur ins an eiteach; gan aon-iarracht a bheith air, nó gan aon-fháilte a bheith roimhe. /[Má theigheann sé dhá h-iarraidh sin, ní bhfuighidh sé ach druím-dhiúltú. Níor mhór léithe sin an fear is fhearr ins an mbarúntacht a theacht dhá h-iarraidh]/ Chuadhamar isteach ann, ach 'sé a raibh dhá bharr againn druim-dhiúltú. Dar leat, ní mórán gean ar bith a bhí aige orainn as ucht a theacht dhá iarraidh. Bhí scathamh eile muis, agus ba mhaith leo aca an deis. Ach tá an iomarca glaodhach anois air, agus é ar a ghainne /[Ní ghabhfaidh mé isteach annsin, le druim-dhiúltú a fháil. Is maith atá a fhios agamsa, cé'n fháilte a bhéas romham annsin. Ní maith liom a dhul ag brughadh ar an doicheall nó go gcinnidh orm.]/ Bhuail mé soir aige annseo uair nach raibh aon-ghráinne "diúain" (: guano) agam, ná a luach. Bhí sé istigh romham ins an siopa. "An dtiubharfá céad "diúain" dom a Mhister F." arsa mise, "go ndíolaidh mé na muca." Thosuigh sé ag mungailt faoin a fhiacla, agus síos leis go tóin an tsiopa. Tháinic beirt nó triúr cuisliméaraí isteach. Thosuigh sé ag dradaireacht leo, agus choinnigh sé ag caint iad an fhad agus a d'fhéad sé. D'imigh siad, ach d'fhan seisean thíos ag méirínteacht le páipéir, agus níor thaobhuigh sé aníos mé fhéin, nó go dtáinic cuisliméara eicínt eile. "Go bráth arís" arsa mise liom fhéin, "ní bhfuighidh tú an deis druimdhiúltú a thabhairt domsa arís, dhá dteighinn a chodladh in mo throscadh. [Ó'n lá sin go dtí an lá atá indiu ann, níor sheas mise istigh in a theach, ná níor fhága mé luach na cianóige aige]/ Ní thiubharfainn de shásamh dhó anois, dhá mbadh mé thusa, go dtiubharfadh sé druim-dhiúltú dhom.

Fan uaidh ar fad. Is furasta dhuit scoilb a fháil dhá fhuireasbhaidh. Fagh iasacht carr agus capall ó dhuine eicínt, agus buail suas go M., agus beidh díol an bhaile agad ag teacht anuas duit. Maidir leis sin agus len a chuid sailighe suaraighe, shílfeá gurb í Coill Mhór na Creatalaighe atá aige, tá sé cho ceanamhail sin uirre /[Ní bhfuigheadh mo leithide-sa ach druim-dhiúltú ó'n sagart sin. Ach bheadh gnaoi thairis sin aige ar an té a mbeadh beann aige air: an té a bheadh ag sacadh corr-phunt isteach i gcúl a ghlaice anois agus aríst. Diabhal bréag nach maith spleádhach a bheadh sé leis an dream sin. Ach bíonn 'chuile shórt, adeir siad, ag luighe ar an lagar]/ Ní bhfuighinn ionnam fhéin druim-dhiúltú a thabhairt do dhuine ar bith ar an gcaoi sin. Ba mhór an rud le déanamh é. B'fhearr liom duine a leigean tharm cho réidh agus a d'fhéadfainn é ná a dhul ins an mbile buaic leis mar sin. Déanadh 'chuile dhuine a rogha rud ach sin é mo bhealach-sa. // Is diabhaltaí an druím atá ann = leirg réidh fhada; talamh árd cothrom agus réim dhe indiaidh a chéile / Druim an Fhir Ruaidh, Druim an Bháire, Corr an Droma, an Druim, Scoil an Droma = ainmneachaí áiteacha. Tá an Druím a bhfuil Scoil an Droma ann scaithín aniar ó Bhaile na Cille in Oileán Gharomna / Tá an-druím soir ann. /[Tá an druim sin ag dul ó Sh. an Gh. soir amach uiliog, go mbeiridh sí thoir ar thalamh C. an L. Aireochaidh tú cruadh teangmháilte faoi do chosa é, ach seachain na h-eascaidheachaí báidhte atá ó thuaidh dhe. Déanfaidh siad cíor-thuaithbhill dhíot, má eirigheann leat a dhul isteach ionnta.]/ Níl sé géar chor ar bith, arae ní cnoc atá ann ach druim réidh. 'Sé an cás céadna é le bheith ag siubhal ar an mbóthar sin amuigh. Talamh breagh roighin é. 'Seadh inDomhnach /[Go gcuiridh Dia an t-ádh ort. Cá'il an talamh! Céard atá aige ach an druim siúd ó dheas de'n teach, agus níl fód saothruighthe istigh ar a corp sin. Riasc bradach gortach í ar fad. B'fhéidir go ndéanfaí talamh cuir di, ach m'anam dhá ndéantaí go mbadh le anró agus allus é. Ach pé aca sin é, bheadh an iomarca d'árd ann len a leasú go rathamhail choidhchin.]/ Bhíodh muid ag bualadh báire annsin fadó. Sin é an fáth Druim an Bháire. Bhí druim uiliog siar ann go sruthán. Is beag a cheapfá sin anois, mar roisteadh uiliog é ó shoin ag daoine ag baint mhóna ann. Tá an mhóin féin ídighthe anois ann /

Dúbail, Dúbailt, Dúblú, Dúbláil = ainm-bhriathra, ainm-fhocla, briathra
Dúbail = Modh Orduitheach; dhúbail = aimsir chaithte; dúblóidh =
Aimsir Fháistíneach; dúbalta, dúbailte, dúbluithe = Aidiacht-Bhriathar.
Dúbailt, Dúblú = ag méadú nó ag bisiú rud faoi dhó; ag cur a dhá
oiread ar rud; ag filleadh rud go mbí sé cothrom in a dhá shraith.
Dúbláil, Dúblú: an dara barr de'n phoitín agus é dhá dhéan
-amh; an poitín corpanta [Dúbláil is mó adeirtear. fc. poitín]
Dúbailte, Dúbluithe, Dúbalta = méaduithe faoi dhó; fillte [cé nach bhfuil aon
-dealú barainneach idir an dá fhocal seo, is iondúil go gciallaíonn
dúbailte, bisiú nó méadú faoi dhó, agus go gciallaíonn dúbluithe
filleadh; ach tá an rial sin an-mhaoilscríobach mar sin féin]

Tiúrfaidh tú dhá phunt dom? Is diabhlaí réidh leat móin a cheannacht! Má
dhúblaíonn tú é b'fhéidir go bhféadfadh muid margadh a dhéanamh
ach ní mó ná sin é / Tá sé cho maith dhuit a ndúbailt agus deich
gcinn a thabhairt dom, cion an lae inné agus an lae inniu. Ní féidir
go gcuirfidh tú taobh le chúig "feaigín" ghágach mé /[Shílfeá gur fánach
an rud feóirlinn ach cuirfidh mise geall leat má dhúblaíonn tú
arís agus arís agus arís eile í agus fanacht dhá dúbailt, gur mór a
tharraingeós cruithe an ghiorráin san deireadh
ar feadh agus h-ocht dtáirne fhichead a chomhaireamh [chuir an gabha
feoirlinn ar an gcéad táirne agus é a dhúbailt ar chuile tháirne
uaidh sin suas] / Dhá ndúblaídís an tae, diabhal mé go
dtiocfadh na daoine le unsa. Tá siad bainte as a gcleachta]/
Ag dúbailt an fhéir atá P. = Féar atá dhá thriomú; tá sé ag
déanamh cocaí dhe faoi dhó cho mór agus atá sé / B'fhearr dhaoib na
leath-chocaí sin amuigh a dúbailt. Níl an lá in araíocht é a
leigean amach (féar), agus níl a fhios cé'n uair a bhéas. / Dhúbail
mé na bunanna siúd. Tá siad cho mór le cocaí móinfhéir
anois, ach ní mór lá eile a thabhairt dó ar sraith mar sin
féin / Ní fuláir na goigíní (móna) sin a dhúbailt anois. Ní
aireóchthá go mbeidís tirm go maith ar an bhfarra
seo / Tá mé leis an dúachán sin a dhúbailt. Cuirfidh mé
an lagpholl sin thoir uiliog air. Ba cheart go mbeadh trí

"lorry" móna an uair sin ann / Ní mó ná dá ndúblaíodh sé
an lúascáinín sin go mbeadh malach maith feamainne
aige /[Ara céard atá tú a dhéanamh? Dúbail an beart sin,
nó an leigfeadh an náire dhuit an ghlaicín sin a thabhairt
'na h-iothlann? / Sé an sean-fhear is fhearr a chonnaic mé go
h-iomaí é. Dhúblódh sé ceachtar de'n chlann ag obair fós =
dhéanfadh sé a dhá oiread oibre leo]/ Dhúblóinn a bhfuil déanta
annsin agam dhá mbeadh freastal agam (: fear ag cur fhataí:
duine lena síolta agus leis an aoileach agus rl. a scaradh dhó) / Dhúblódh
sé mé gan stró ar bith ag siúl. Tá leigean con faoi = dhéanfadh
sé a dhá oiread siúil liom / Tá sé do mo dhúbailt san bpáidhe =
ag saothrú a dhá oiread liom /[Níl aon-fhear láidhe san tír seo
a chinnfeadh air. Dhúblódh sé duine ar bith eile ag casadh buird /
Níor tháinic an dúbláil (dúblú: go h-annamh) fós (fc. poitín) / Ní
bhíonn an poitín len ól nó go ndúbluítear é / Ní bheadh a dhath
mairge air mé a dhúblú ar bhicycle. Sén togha críochnuithe é /
Dhá dtugadh sibh máimín choirce do'n asal sin agus cineáltas
beag a chaitheamh leis, dhúblódh sé asal an C. th'éis a bhfuil
de ghaisce aige as. Is ait an t-asailín é sin agaibhse.]/ Dúbail
an snáth sin san tsnáthaid, nó is gearr go mbeidh an cnaipe
imithe arís = dhá thuínte de'n tsnáth a bheith ag dul in éindí
thrí phollairí an chnaipe agus leabaidh tuínte shingil / Má
dúblaíonn tú an rópa sin b'fhéidir nach dtiúrfadh sé uaidh /
Bhí an phluid sin dúbluithe agam, agus bhain tú as a filleadh
arís í / Shílfeá go mbíonn an páipéar seo dúblaithe / Fagh
píosa de nuaíocht (páipéar nuaíochta) agus dúbail ar a chéile í,
agus sac isteach san bpoll sin í, agus ná bíodh an tseoideadh
isteach orainn / Ní mór dubailt agus ath-dhúbailt air sin, nó
beidh an iomarca méide ann / Cuir crios dhúbluithe (dhúbalta)
air = arúr a bhíos ro-ghearr, ní mór dhá chrios a chur air /
Bhí sé ag déanamh daigéid de dhornáin agus ag cur crios dhúbalta
orra / Tá drad dúbluithe ag M. sin thíos = bíonn drad
dúbalta fiacal ag cuid de na daoine / Tá doras dúbalta
leis = doras agus ath-doras / Nach diabhlaí daingean é agus doras
dúbalta leis / Balla dúbalta is fearr duit a chur ann

= balla fidín; sconsa a mbeadh dhá chloich ar leithead ann / Tá sé ag déanamh balla dúbalta annsiúd. / Tiúrfaidh tú isteach dúbailte aríst é, nuair a dhíolfas tú iad / Má tá dola fhéin ort ag ceannacht bran agus beatha anois dóibh tiúrfaidh siad isteach dúbailte dhuit é, lá an aonaigh feicfidh tú féin air = tá costas anois ort dhá mbeathú, ach beidh a dhá oiread bantáiste agad dhá bharr /[Is fear é a chaitheas stráisiúin mhóra ina chomhnaí, ach tugann sé isteach dúbailte aríst é nuair a theigheas sé ag obair / Is beag an trácht a fhaghas na títhe ósta sin, mara mbeadh lá aonaigh féin ann, ach ar ndóigh tugann siad isteach dúbailte na laethantaí sin é]/ Má fuair sí (an mhóin) báisteach le coicís, tá sí dhá thabhairt isteach dúbailte inniu, agus an stolladh triom -aigh atá ann / Íocfaidh sé dúbailte an méid sin = íocfaidh sé a dhá oiread agus a thug sé uaidh; nó beidh an díoltas i bhfad níos déine air ná mar ba chóir dó a bheith / Íocfaidh tú an buille sin dúbailte muis. [Rachaidh mise faoi dhuit nach mise an chéad duine a gcuirfidh tú araoid air aríst / Dhá mbuaileadh sé é agus a dhul abhaile, níor chás dó é, ach filliúint aríst le dhul in éadan in ath-uair! Íoc-faidh sé dúbailte an tséiléaracht anois / Diabhal buille dhá bhfuighidh mise nach dtiúrfaidh mé dúbalta ar ais uaim. Ní mise an ribín réidh le dhul ag pléidh liom, ní mé sin]// Dúblaigídh é. Is gearr go mbeidh sé in am eirghe astu = airgead cártaí a dhéanamh faoi dhó cho mór agus a bhí sé / Bhí sé againn dúbalta. Bhí an chúig agamsa leis an gcuileata, agus bhí sí ag mo pháirtí leis an naoi d'uireasa na cuileata chor ar bith / Cé mhéad dúbailt a thug tú ar an mbráithlín sin? = filleadh / Tá sé dúbluithe anois. Is beag nach bhfuil a cheann buailte ar an talamh = seanduine agus cruit air /[Cén tseafóid a bhí ort? Thug tú airgead dúbailte air. Dhá dteightheá tí J. gheobhthá iad sin ann ar ocht scilleacha an ceánn. D'airigh siad an bhuige shíne ionnad.]/

dubh, dubh-, duibhe, duibheacht, duifean, dubhadh, duibheachan, dúachan dhubhaigh agus rl. (Fc. freisin dub beart, dubrón, dubhach, dubhshlán agus rl.)

Dubh = aidiacht, do-bhriathar = dath: malrait "geal"; gan aon-tsolus, dorcha, feó, seargadh; brónach, buartha, dóite agus rl.

Oíche dhubh í / Caora dhubh (bó dhubh, fear dubh, bean dhubh, bréidín dubh, fiach dubh, olann dhubh, éadach dubh, bróga dubha, móin dhubh, feamainn dubh, arán dubh, an fiabhras dubh, agus rl.) / Tá sé thíos san dúmhach dubh (: ainm garraí. fc. dúmhach) / Cuir na beithigh soir ar na Caoráin Dubha = ainm áite. Cnocáin Riastacha atá ann / Bíonn go leór giorriachaí san gcíb dhubh sin = cineál cíbe ar eascaíochaí boga agus dath dubh uirre / Tá lionndubh (leanndubh) air = brón, dólás / An Charraig Dhubh, Poll na Carraige Duibhe = áiteacha san gcladach. Tá feamainn dubh ar an gcarraig / Tá go leor maidí dubha san bportach sin = cineál adhmaid ar nós giúsaí a bhíos sna portaí. / Tá cosa dubha ann: cineál feamainne (fc. cosa) / Seo í an mhí dhubh den bhliain = céad mhí na bliana; an dubhluachair / Dath dubh atá air = éadach agus eile / Cuirfidh mé dath dubh ort le mbuailfidh mé ort mara n-eirí tú as /[D'fhága sé dath dubh air leis an lascadh a thug sé dhó / Tá dath dubh air leis an bhfuacht / Gabha dubh é = gabha ceártan]/ An Gadaí Dubh Ó Dúbháin = duine atá an-tréan i scéalta / Pádraig Dubh = forainm duine / "Sé do lá fómhair é a Chaitlín Dubh" = líne as rann / Tháinic cois dhubh isteach = leasainm / Cá raibh tú a chois dhubh = leasainm an pháiste a mbeadh cosa salacha air / Céard a bhí smut dubh sin a dhéanamh ann = ainm fonóideach ar dhuine a mbeadh éadan salach aige, nó a bheadh dubh le féasóig / Scread mhaidne air an pus dubh! = fear / Má fhaghann pus dubh (: cut) greim uirre is gearr é a saol (: éan) / Tá crúba (cosa, lámha agus rl.) dubha agad = salach, brocach / Tá do chosa an-dubh: Is mór an náire dhuit é nach mbuailfeá baslach orra / Pruchóg dhubh (dhorcha) de theach é = gan aon-tsolas ann; é an-phlúchta / Tá an uain (: uaimh) sin dubh. Ní mór duit solas le dhul isteach innte / Tá sé chomh dubh leis an sméir (leis an ngual, leis an bhfiach, le clúmhach an fhéir, leis an bhfiach dubh, leis an áirne, le

pic, leis an bpúca, leis an bpota, le diabhal as ifreann, le anam tincéara agus rl.)
Tá gruaig uirre cho dubh leis an sméir / Tá súile aige chomh dubh le
áirne /[Tá an oíche cho dubh leis an bpúca (leis an bpic, leis an bpota, le anam
tincéara) / Tá sé cho dubh le diabhal as Ifreann (= duine) / Tá sé dubh
thar duine eile (: snuadh, gné chraicinn, gruaig agus rl.) / Tá sé dubh ag an
scúabadóireacht (ag an ngual agus rl.) / Tá sí buille dubh, ach níl sí ro-
dubh. Is mó an slacht ar dhuine a bheith roinnt dubh / Is maith dubh an oíche
í / Bhí an oíche aréir an-dubh go deó agus níl tada le reic ag an oíche
anocht féin, tá sí sách dubh]/ Tóigfidh chuile éadach dath ach an dubh / Ní
ghlacann an dubh dath ar bith. Is féidir an dubh a chur ar chuile dhath eile,
ach ní thóigfidh sé féin dath ar bith (fc. dath) / Go dtuga Dia leis a leath
mar tá mo chroí dubh aca = bean ag ceasacht amháilleacht agus míádh
páistí / Tá mo chroí cho dubh (: brónach) le gual (le gual ceártan) /
Bhí a croí cho dubh leis an ngual ó'n lá a bhfuair a mac bás / Tá
mo chroí in a ghual dubh in mo lár. Is fada liom go gcuire Dia fios
orm /[Bhí a chroí in a ghual dubh istigh ina lár ón lá sin. Bhí deireadh
a chuid gáirí déanta / Eirigh as. Tá mo chroí dubh agad = tá cantal
nó brón orm de do bharr; tá guirín ar mo chroí agad / Is
beag an dochar dhom croí dubh féin a bheith agam ag éisteacht
libse ó mhaidin go faoithin / Sin é a d'fhága croí dubh agamsa.
Ní raibh mé ar mo chóir féin ó shoin, ná ní bhéad nó go dteighe mé
idtalamh / Diabhail dhubha uiliog iad (cártaí) = dubh atá siad fré chéile /
[Dubh a bhfuil in mo ghlaic ó sháil go rinn. Nuair is dearg dóibsean
is dubh dhomsa (cártaí) / An chuid is lú den dubh agus an chuid is mó den
dearg is fearr = ag imirt cúig fichead nó cluichí den tsórt
sin i gcártaí / Nachar dhúirt mé leat an chuid is lú den dubh agus
an chuid is mó den dearg a chur orra. Ní bheidh tú indon aon-chárta
a imirt go deó / Sé an dubh an dath éadaigh is deise ina dheidh sin,
ach gurb é díol an chatmara a choinneál glan / Shílfeadh sé an
dubh a chur in a bhán ort (in a gheal ort) dhá ngéilltheá dhó =
mearúl a chur ort; imeartas ort / Ná ceap agus ná síl go gcuirfidh
tú an dubh ina bhán ormsa. D'imir mise chúig chárta le fir cho
gasta leat dhá mhéad meas dhá bhfuil agad ort féin]/ Chuirfeadh
sé an dubh in a bhán ar fhear na méaracán. Níl áire(amh) ar bith

ar a chuid imeartais / Más geal nó dubh anois í caithfidh tú a tabhairt leat ó rinne tú an margadh / Is geal leis an bhfiach dubh a éinín fhéin / Bíonn sé ag obair ó dhubh go dubh = ó réalt go réalt = ó dhubh na maidne go dubh na h-oíche /[Ní leigeann sé scíth ó dhubh go dubh ach ar a táirm i gcomhnaí / Bhí dubh na h-oíche ann ar a theacht abhaile dhó = bhí an oíche tuithte / Bíonn sé amuigh leis an dubh (dubh na maidne; leis an réalt) chuile mhaidin, agus is beag í a fhoghail in a dheidh sin / Bhí an dubh ar an oíche nuair a tháinig sé]/ Ní bheidh moill ar bith anois air go mbeidh an dubh ar an oíche = nó go mbeidh an oíche tuithte / Ní raibh mé réidh nó go raibh an dubh ar an oíche, th'éis gur shíl mé go mbeinn críochnuithe ó ló mhór. Ach is píosa buan é in a dheidh sin / Ná leig deireannach anois. Níl aon-ghnatha dhuit a dhul ag déanamh cleas na h-oíche faoi dheireadh: a theacht agus an dubh ar an oíche. / Nuair a bhéas an dubh ar an oíche, ní shin é do thráth. Teara in am, nó fan uainn ar fad /[Is iomdha lá nach leigeann sé uaidh iad nó go mbíonn an dubh ar an oíche. Cén bhrí ach an bealach fada atá rómpa. Tabhair bealach fada air suas in aghaidh na n-aird siúd / An bhfuil dubh na h-iongan de thobac agad = an bhfuil dubh na fríde de thobac agud = oiread na fríde = ruainnín beag bídeach]/ Ólfaidh tú braoinín beag: dubh na h-iongan más é do thoil é. Dheamhan an millfidh an braoinín seo tada fút. Is mó a leasós sé go mór fút / Siúcra. Níl oiread agus dubh na fríde ag gabhail linn, nó níl a fhios cén uair a bhéas. Níl sé ag lucht na siopaí más fíor dóib fhéin na laethanta seo. / Teann amach dubh na fríde, nó go síne mé mo chois. Tá codladh driúillic innti … Teaga leis anois. Tá tú ar fheabhas. Is mór an fhuascailt dom an méid sin féin /[Dhá mbreathnuightheá grinn air, déarfá go bhfuil dubh na h-iongan de chlaon fhéachaint ann. Sé a bhfuil ann é, ach thiúrfá faoi deara in a dheidh sin é. Is mór a chuireas claonfhéach -aint duine as a shlacht.]/ Dá mbeadh dubh na fríde eile ann, bheadh a dhóthain faid ann, ach cén mhaith sin nuair nach bhfuil. Nach sin é anois an aimiléis! / Snuigh dubh na h-iongan dhe annseo, agus ní bheidh stró ar bith air tuilliúint ann. Mar sin anois. Déanfaidh sin thú. Is breá an clár é /[Ba bhlasta an bheatha a bheadh annsin dhá dteigheadh dubh na fríde d'im thríd. Ach ní bhíonn aon-bhail air d'uireasa an ime.]/

Chuir sé dubh na h-iongan de chineál dubh as buidéal eile thríd agus mheasc sé é agus thug sé an tsiaróib dom féin len ól. Dheamhan faocha a d'fhága sé orm in imeacht dhá mheandar /[An chéad uair ar tháinig an phian ann, ní raibh dubh na h-iongan ann, ach leathnaigh sé amach i leabaidh a chéile, agus thiúrfá an leabhar gur ag déanamh seile a bhí sé, ach ní dhearna in a dheidh sin. Meall cruadh atá ann. Leag do láimh thú fhéin air!]// Tá an áit dubh le daoine = an áit faoi dhaoine ar fad; mathshlua mór ann / Bhí an bóthar dubh le daoine ag dul soir ann /[Tá an baile sin thoir dubh le "gaeilgeóirí." Ní réiteódh cearc a h-ál ann leó. / Tá an pháirc dubh le beithigh aige. Dar fia tá luach airgid aige má dhíolann sé iad siúd uilig, ach ní dhíolfaidh / Beannacht Dé dhuit! Ní raibh áit suí ná seasta ann, agus bhí an tsráid dubh le daoine taobh amuigh ag iarraidh a dhul isteach agus gan iad ag fáil cead / Marach an cogadh, bheadh an tráigh sin dubh le muintir na G. chuile Dhomhnach. Theagaidís amach ina gcuid "mótars" ann thar a chéile, ach níl aon-ghoir aca é sin a dhéanamh anois. Earradh ghann iad na "mótars" ar an saol seo]// Ní fhaca mé é dubh bán ná dubh buí = ní fhaca mé é dubh buí ná bán = ní fhaca mé é duth ná dath = chor ar bith; beag ná mór. / Níl a fhios againn dubh bán ná dubh buí céard is cor dó ar an aimsir seo. Ag caitheamh an tsaoil agus an saol dhá chaitheamh is dóigh. / Do chroí bruithte ag an diabhal le caint a bheith ort. Cá bhfios domsa dubh buí na bán céard adeirigh de do chaipín! Sí an frae í / Ní hé a bhí ann dubh bán ná dubh buí. Dá mbadh é, labhaireódh sé. Nach mé nach n-aithneódh é go deimhin! D'aithneóinn a straois i gcac bó! /[Ní raibh mo phlé-sa leis dubh bán na dubh buí, ach ní shaorfainn an dream eile nach mb'fhéidir nach ndéanfaidís é, má chuimnigh siad air. Tá siad sách míádhasach le rud ar bith a dhéanamh — an dream céanna / Ní éileóinn air é dubh buí na bán marach go raibh mo cheann féin buailte suas, agus go gcaithfinn a dhul siar ar uain nó ar éigin]// Cinnfidh sé dubh agus dubh ort a dhéanamh = críochnuithe; amach agus amach / Chinn sé dubh agus dubh orm aon-cheart a bhaint di, th'éis gur fhéach mé chuile chaoi léithe. Ach bhí sí an-dána den domhan / D'fhéach sé mé dubh agus dubh gaoth a thabhairt di (: cloch a ardú). Agus ba é mo chloch neart a cur go dtí mo ghlúine 'th'éis gur chuir seisean go dtín a

lár í. Ach tá an spreacadh mór ann bail ó Dhia air! / Ba é a chloch neart dubh agus dubh an garraí a chur dhá lá. Is cuímneach liomsa go maith nachar fhága mé féin aon-fhód istigh ar a chorp nachar chuir mé lá amháin. Bíodh a fhios agad go mba saoraí mór mise tamall! / Chinnfeadh sé dubh agus dubh orm an t-asal a sháinniú marach gasúir T. S. Chuaigh siad roimhe dhom nó go bhfuair mé greim air, ach tá buairín anois air nach gcorróidh sé. Dar Diagaí ní chorróidh! /[Chinnfeadh sé dubh agus dubh orra an Ghearmáin a bhualadh marach Meiriocá! Breá an scéal atá agud! Nach mbeadh a fhios ag fear adhartha é sin. Níl aon-chrann seasta eile ag Sasana ach Meiriocá. Ach is suarach an t-íonadh sin. Cuid den mhuic an drioball]/ Cinnfidh sé dubh agus daite ort an oiread móna a bheith agad agus a chuirfeas go móin nua thú. Tuilleadh ghéar don diabhal agad! Ro-shanntach atá tú ag an airgead. Ní raibh aon-mhaith ann ach a díol as éadan = cinnfidh sé amach agus amach ort agus rl. [is treise é na "cinnfidh sé dubh agus dubh ort"] /[Chinn sé dubh agus daite ar J. B. an scurach sin ag T. P. a leagan i (ə : do?) chor charaíocht. M'anamsa ó'n diabhal go ndearna sé puca dhe, ach ní ghabhfadh sé len a athair mara ndéanadh / Féachfaidh sé dubh agus daite thú breith ar an traen anois, ó thárla nachar thóig an bus thú. Tá siad sin féin (: na busannaí) ballséiriúil go leór scaithtí. Diabhal bréag nach bhfuil / Chinnfeadh sé dubh agus daite orainn a theacht abhaile marach gur stán an lá. Bhí fairrgí an-scréachánta san Sunda. Ach tá sé sean-bhreá anois. (Fc. freisin dath, dathú)]// Tá sé dubh-ghorm [dathannaí eile le dubh: dubh-ghlas, dub-buí, dubh-dhearg, dubh-rua, dubh-dhóite (dath dubh mar a bheadh rud dóite ann), dubh-dhonn, dubh-chrón agus rl.]

Dubh mar Réimmír roimh ainm-fhocal = (i) Droch-; déanann sé an cháilíocht atá i gceist san ainm-fhocal go dona [Tabhair faoi deara gur ar an réimmír dubh- agus nach ar an ainmfhocal atá béim an ghotha, fearacht mar tá sé i "dubh-ghorm", "Dubhghlas" agus rl. Fc. dubh- roimh aidiacht aidiacht-bhriathar agus ainmfhocla áiride eile]; (ii) nó ní chiallaíonn sé ach dath dubh (dubhleatha, dubhliathach etc) /.

Dubh-mhaidin: an dearg-mhaidin; deargadh na maidne nó roimhe. Bheadh aithne lae air ar éigin, ach ba bheag leis é.

Bhí sé in a shuí leis an dubh-mhaidin / Eiríonn sé leis an dubh mhaidin agus bíonn sé in a chodladh leis an uan chuile oíche. / Ní raibh sé ach in a dhubh-maidin pér bith céard a chas amach an tráth sin é. Ach tá sé siúd sna daoine maithe. Dheamhan easna dhó nach bhfuil /[Ní bhíonn ann ach dubh-mhaidin anois ag an seacht a chlog. Bíodh a fhios agad go bhfuil sé i bhfad amach san mbliain, go bhfuil sin. Nach gearr go mbeidh an lá ag casadh]/

Dubhluachair = an mhí dhubh den bhliain, an seal sin thar éis na Nodlag nach mbíonn aon-cheo ag beithigh ar an talamh. Teigheann sé amach go Féil Bríde agus in a dhiaidh blianta; coruice dhubh na bliana.

Seo í an dubhluachair. 'Ar ndú 'ní dochar cead scuir a bheith ag caoirigh anois. Níl foghail ar bith le déanamh aca / Amach ar dhubhluach-air na bliana a bhí ann go h-áirid, mar cuimním go raibh an aimsir in a ciréabachaí /[Sé nádúr na h-aimsire a bheith deannacht-ach anois agus gurb í dubhluachair na bliana atá ann]/.

Dubh-anna: ainm-fhocal, buineann = coruice dhubh na bliana; dubhluach-air na bliana. Ach ní móide go mbeadh sé cho barrainneach ar fad le dubhluachair. Is mór a chiallaíos sé an chuid den dubhluachair a bhíos fuar garbh deallruithe: coicís nó mar sin indeireadh Eanair nó faoi Fhéil Bríde ["Tiúrfaidh sé anna go breá uaidh". Fc. anna]

Seo í dubhanna na bliana. An t-am seo i gcomhnaí a ghníos sé chuile droch-shíon. Caithfidh sé rud eicínt i mbliana muis. Is maith an t-ádh atá orainn nó gheobhamuid droch-thuairt shneachta. Sén an gothadh atá air é / [Tá an ghrian ag árdú san spéir aríst ach má tá féin níl aon -aithne ar an lá go bhfuil aon-tsíneadh air fós. 'Ar ndú' sí dubh-anna na bliana í, agus is beag an mhaith cén síneadh a thiocfas air go n-eirí sé as an bhfuaraíocht agus as an doininn seo. Is uafás é le cupla lá]/

Dubhgheimhreadh: ainm-fhocal, fireann = lár an gheimhridh; an t-am is measa an geimhridh; tar éis na Nodlag nó dubhluachair na bliana.

'Ar ndú 'ba mhó ba gheall le lá dubhgheimhridh an lá inniu ná le lá samhraidh. Dar fia is caillte an aimsir í an tráth seo bhliain / Beithigh a dhul ag tiomsacht i lár an dubhgheimhridh thall! Dar príosta beithigh ar bith nach bhfuighidh farae anois, is gearr an bás uatha / [Sén dubhgheimhreadh a bhí ann ar chaoi ar bith arae is cuímneach liom go rí-mhaith go raibh an talamh faoi shneachta, agus gur caitheadh cnapáin linn thiar ag tigh D. L. Bhí plód cruinnithe ann / Cén áit san míadh a dtiúrfadh do chosa thú amach 'un criathraigh i lár an dubhgheimhreadh. Má thugann tú S. C. ort féin anois, báite i gcaochpholl a gheofar thú. Ní shiúilfeadh na fiadhanna an sliabh anois]/

Dubhscríb = ainm-fhocal, buineann (fc. scríb) = droch-scríb; ruathar díobhálach; duine a leanacht de rún mísc nó místaid a dhéanamh air.

Thug sé dubhscríb in a dhiaidh. Dá mbeireadh sé air, dheamhan fata a changlódh sé len a mharainn. Dhéanfadh sé aon-lá amháin dó / As go bráth le P. agus thug J. dubhscríb in a dhiaidh agus an chroch aige len a mharú. Ach thug Dia do Ph. gur thug sé an eang uaidh. Níor labhair an bheirt le chéile ón lá sin go ndeachaidh siad i dtalamh. B'olc iad na cleis sin a bhíodh ar na tórraíochaí /[Isteach liom ag déan -amh aithgiorra má b'fhíor dhom féin, ach ba shin é an t-aithgiorra a fhobair a thiacht daor orm. Bhí mé siúl liom de réir mo choise treasna na páirce agus gan fios na faillí agam, nuair a chonnaic mé an tarbh. Chuir sé smut air féin agus thosaigh sé ag búiriúch. Thug mé féin do na buinn é, ach níor leissean ab fhaillí é: thug sé an dubhscríb in mo dhiaidh. Rinne mé féin ar mhaol-bhearna, ach chuaigh sé idir mé agus í …]/ Chuaigh mé de dhubhscríb ar a thóir ach thug sé na h-aobha uaim. Níor mhór dhó. Dá bhfaghainnse greim air, bheadh an tseamair Mhuire aige, dhá dtugadh sé a chnámha slán uaim / Fuair sí a bhonn ingarraí beag Mh. agus thug sí an dubscríb soir, ach bhí sé gaibhte ro-fhada. Brocach Bh. Ní Ch. a thug sé air féin tá mé ag ceapadh. Chonaic mé an-talltúchán ag béal na brocaí, agus anoir ar an gcnocán / Má ghníonn tú tada, tiúrfaidh mé an dubhscríb {i d}o dhiaidh, agus dá dteightheá go deireadh an domhain béarrfaidh mé ort /

Dubh-ní (dun ʼī) = ainmfhocal, fireann = an-éagcóir a dhéanamh ort féin; droch-chor a thabhairt duit féin; thú féin a chur 'un báis nó droch-ghortú a thabhairt duit féin d'aon uaim (Is "suicide" nó "attempted suicide" é)

Rinne sé dubh ní air féin, sábhala Dia sinn. Ach tá mé ag ceapadh go raibh daol eicínt air san gceann. Chuaigh cuisle (cuisne, coiste) air, agus shílfeá nach mó ná sásta a bhí an sagart go gcuirfí san roillic é /[Measaim gur shíl sé dubh ní a dhéanamh, marach gur rugthas air. Bhí a raibh san teach imithe amach ach tháinic bean chomharsan isteach ag iarraidh rud eicínt agus fuair sí ar sliobarna as an mboimbéal é. Tháinic cúnamh annsin agus cuireadh fios ar an dochtúr agus ar an sagart ar an bpuínte. Dheamhan ceó a d'fhan air ar chaoi ar bith. Sén fear staidéarach é anois]/ Cén chiall é a chur "soir" (: go dtí an gealtlann i mBéal Átha na Sluaighe)? 'Ar ndú' seadh: saochan a bheith air. Nach raibh rásúr tarraingthe amach aige ag dul ag déanamh dubh ní air fhéin, marach an nós ar tapaíodh é. / Níl aon-lá san aer nach mbíodh sé ag dul ag déanamh dubh ní air fhéin: ag dul dhá bháthadh nó dhá chrochadh féin. Ach ba bheag dá chuid cluanaíocht é mo chreach mhaidne! Sé a raibh uaidh go ngéillfí dó, agus go mbeadh cead a chomhairle féin aige /[Rinne sé dubh ní air féin. Chuir sé nimh i gcois leis agus b'éigin a baint dhe anuas ón dúid. B'fhearr leis sin féin ná a dhul amach san mbriseadh aríst. Nach dalbaí an áit é cogadh go bhfoire Dia orainn! / M'anam muis má tá rún aige dubh ní a dhéanamh air féin go bhfuighidh sé cuid mhaith ar an mbaile sin a bhealós an rópa dó (: le é féin a chrochadh) mar nach fearr leo ina measg é]/ Chuaigh sí agus rinne sí dubh ní uirre féin de bhárr an "mission". Goilleann rudaí mar sin ar dhaoine thar a chéile /

Dubhléim: ainm-fhocal, buineann = léim a thiúrfadh duine gan breath-nú roimhe; gníomh a dhéanfá as taghd, as guagaíl, as mí fhoighid, as forú agus rl. "A plunge in the dark." (cf. seomra dubh: unlighted room, dubhshnámh agus rl.).

Tugann an duine dona dubhléim = déanann sé rud gan breathnú roimhe, agus bíonn sé síos leis / Sin é an duine dona i gcomhnaí. Tugann sé dubhléim, adeir siad. Thug an fear bocht sin dubhléim ar chaoi ar bith. Dhá mbeadh foighid aige agus comhairle a ghlacadh, ach ní raibh aon-chomhairle ina chionn-siúd /[Phós sé an bhean sin agus gan aithne ná eolas aige uirre go dtí le seachtain roimhe sin. Bheadh sé sin ceart go leor ag scráibín tíre, ach m'anam nachar mhór dhá leithide sin breathnú roimhe. Ar aon-chor h-imríodh an cluiche claonach air. Thug sé an dubhléim agus d'íoc sé ann. / Tóig comhairle ó dhuine dhoscúch agus na tabhair dubhléim mar sin. Ní bhíonn aon-ghreim ar an gcloich ó chaitear í, agus deirtear gur ina dhiaidh is feicears (a fheictear) don Éireannach a leas.]/ Tá faitíos orm go mba dubhléim do mo Hitler bocht é. Bhí sé ro-thobann. Bhí aige gúaim a chur air féin nó go mbeadh sé faoi réir ceart agus annsin é a thabhairt faoin tsean-bhalcais dóib. Ach mar tá sé anois is mór m'fhaitíos go mbeidh sé gan Mrucha (Murcha) ná Mánas /
[Is cuma san diabhal leis sin é ach dubhléim a thabhairt, bíodh sé buaiteach nó caillteach léithe. Bhí an t-ádh air go dtí anois ar aon-chor, agus is mór is fiú an t-ádh. Deir siad dhá mbeadh an t-ádh ar dhuine go ndoirfí bullán dó. Chreidim gurb amhlaidh a bhíos sé freisin / Thug sé an dubhléim ach má thug féin ní dona a ghabh sí dhó. Tá cac bó agus lochán aige dhá barr go h-áirid]/
Is mian leis chuile shórt a dhéanamh de léim. Fear gan foighid é. Sin a fhágas go dtugann sé an dubhléim i gcomhnaí.

Dubhshnámh = ainm-fhocal, fireann = snámh a dhéanamh idir dhá uisce nó ar thóin na fairrge; nó snámh faoin uisce nuair a ghabhfá isteach ar mhullach do cinn (Fc. dubhléim romhat thuas); An chaoi a mbíonn bad fó thuinn ag imeacht.

Tá sé thar cíonn le dubhshnámh. D'fhanadh sé chúig nóiméad faoi uisce gan mhairg ar bith /[Is diabhlaí an dubhshnámh atá aige. Chaith sé é féin indiaidh a mhullaigh de charraig an S. inniu, agus sé an áit a dtáinic sé ar barr taoille aríst ag gob an Storráin. Is maith an geábh é sin, nach maith!]/ Is dochreidthe an scéal go mbeadh

dubhshnámh an méid sin ag bad ar bith: dhá fhichead lá faoi uisce.
Nach diabhlaí nach bplúchtar iad. Ach ní chreidfinn go mbeidís
an t-achar sin ag dubhshnámh. Seachain th'éis an oiread seo
dubhshnámh nach gcaitheann siad a dhul ag snámh. 'Ar ndú'
ar an gcaoi a bhfuil tusa ag caint sháraigh siad na faidhtíní. /
An bhfuil aon-dubhshnámh agad? Mara bhfuil is beag an mhaith
thú. Ní snámhóir é snámhóir ar bith mara dubh shnámhóir é
freisin. Caithfidh snámhóir a bheith cho maith leis an iasc le
bheith in a shnámhóir ceart. /

Duibhéan (béim ar an siolla tosaigh) [Feic duibhéan].

Dubhdraíocht: draíocht dhiabhalta; draíocht chumasach.
[Fc. draíocht].

Dubh-ghrádh: grádh cásmhar; grádh anshóiteach priaclach a mbeadh brón
nó oidheadh dhá chíonn, fearacht grádh an fhir do "Bharbary Ellen" nó grádh
Thomáis Láidir Mhac Coisdealbha d'Úna Bhán Nic Dhiarmada óig.

"Sin é an dubh ghrádh, nuair a fhaghas siad bás dhá chéile. Ghnídís é sin fadó
ach níl grádh ar bith anois ann. Ar chuala tú ariamh faoi 'Barbary
Ellen' … Bhuel, ba shin dubh ghrádh … Nó faoi Úna Bhán:
'A Úna Bhán is gránna an luighe sin ort
Sínte síos imeasc na mílte corp
Mara dtige tú in mo láthair a phlandóigín a bhí ariamh gan locht
Ní chaithfidh mé aon-oíche in t'áras go brách ach an oíche anocht.'
Cuireadh an bheirt le h-ais a chéile istigh ar an oileán, agus d'fhás crann ar
'chaon uaigh, agus nuair a mhéadaigh siad, shnum (: shnaidhm) siad ina
chéile, agus rinne siad aon-chrann amháin." [ó Bheartla Ruadh Ó Fhlaithearta
Camus, Rosmuc]

Dubhphota = ainm-fhocal fireann = focal a bhaineas le dathúchán = "'Dhá
ghlas caorach beidh sé ina dhubhpota' mar a deireadh na seandaoine" (fc. pota).

Dubhlaoisc (dubhbhlaoisc?) (: duɫĭšk) = ainm-fhocal, buineann = áfach nó
uachais dhorcha ag bun aille, faoi ulán nó faoi charraig ar bhruach na

na fairrge. Bíonn siad in Árainn go h-áirid arae tá alltrachaí áibhéile ar an taobh ó dheas agus ar an taobh thiar andeas de na h-oileáin.

Thug siad isteach an míol mór indiaidh na curaí nó go raibh sé istigh ionann agus ar an talamh aca. Ar a dhul síos dóib lár na bháireach len a fheannadh agus leis an ola a bhaint as nach raibh sé snámhta isteach faoin dubhlaoisc, annsin thoir ag an aill. Níorbh fhéidir a thabhairt as /[Theigheadh na h-ailleadóirí sin síos leis an áill go dteighidís go dubhlaoisc go minic. Ba saothruithe an gréim aca é mo choinsias. Ach dheamhan suím a bhíodh aca ann. Níl sé leath cho baolach agus a cheapfá. Námhaid í an cheird gan a fólaim, a deir siad / Tá cuimse raice faoin dubhlaoisc, ach ní bhfuighfear go deó í nó go mbeidh sí rodtha. Bíonn a leath ó mhaith ag giúirinneachaí, má chaith -eann sí achar ar bith san bhfairrge. Níor tháinic aon-téagar raic ar na h-oileáin seo go h-áirid ó thosaigh an cogadh. Tá cupla sail annsin thíos ar an muirbhigh, ach is gearr le dhul iad …]/ Ní fhéadfaidh tú an dubhlaoisc a fheiceál, mar chaithfeá a dhul ceachrach ar chiúis na h-aille, agus b'fhéidir gur rae roilleacán a bhuailfeadh san gceann thú, nó go scéinfeá nuair a chloisfeá na h-éanachaí sin ag scréachaíl. Ná féach leis. Ní leithne an t-aer nán timpiste … / Is minic a chonnaic mé na ballachaí ag snámh isteach faoin dubhlaoisc annsin agus mé ag breathnú orra as seo. Tá faoi na h-uláin sin beo leo. Dhá mbeadh dorú agad, ba gearr a bheitheá ag marú stropa éisc ann … /

Dubhliathach: ainm-fhocal, buineann = cineál feamainne a bhíos ar an tanaí san stupóig. Feamainn dubh í ach í níos caoile agus níos míne.

Níl ann ach an dubhliathach, mar chinn orainn a dhul ar an mBranra. Annsin a mhic ó ab fhiú a dhul. Is ann atá máithreach na coirrlí / Níl leabharachaí (nó liúrachaí) ar bith san bpas siúd. An dubhliathach sin atá ann, agus bheitheá meathta dhá baint, le h-ais a bheith in éadan na sraoilleógaí móra. Bí réidh agus gabhfaidh fuireann againn ar an oileán an chéad lá den rabharta … Bíodh an diabhal ag an té ar mór leis duinn í. Nach feamainn pháirteach í, agus nach bhfuil baint ag chuile dhuine di cho maith le chéile. Tá sí annsiúd aca cho maith linne

agus bainidís í más breá leo í. Níl muide ag dul in a mbéal uirre. Ach tá an iomarca leadaíocht orra … /[Glaicín den dubhliathach sin a chuir mé air. Chuaigh sé rite liom an oiread a fháil agus a leasódh an paintéar, théis a dtáinic isteach ó thús bliana / Bhí an-bharr agamsa annsin anuiridh agus dheamhan ceó a chuaigh ariamh air ach sean-leasú agus aithleasú de dhubhliathach na Cora agus daithín aoiligh as a chionn. Maidir le "diúain" (: guano) níor cuireadh a leithide air. Ach bhí an talamh séasúrach]/ Níl amach annsin anois ach dubhliathach ar na storráin sin. Bheadh sí sách freagrach don chur óg dhá mbainteá do dhíol di, ach ní bheidh sí nocht aríst i mbliana. Ní bheidh na rabhartaí sách maith / Níl a dhath ariamh soir ar an tanaí sin ach dubhliathach … Dheamhan an miste liomsa. Gabhfaidh muid dhá scean -adh má thograíonn tú. Ní fearr liomsa ceird dhá mbeidh orm /

Dubhchrónach (: duxrūnəx): ainm-fhocal, fireann = crónachan na h-oiche; tuitim na h-oíche; an tráth sin den choinioscar a mbíonn sé idir dubh agus crón. "the gloaming". [Níl an focal seo ar "Black and Tans" san gcaint ach is cosúil gur ón dath dubhchrón a tháinig sin. Tá "dubhchrón" san gcaint]

Tháinig mé abhaile le dubhchrónach na h-oíche. / Ní raibh sé dubh amach agus amach, ach bhí sé na dhubhchrónach / An tráth seo bhliain ní thuiteann oíche chor ar bith. Fanann sé ina dhubhchrónach, nó go dteigheann an fáinne bán sin ó thuaidh soir, agus gealfaidh lá aríst ar an bpuinte = na h-oícheantaí faoi Mhí Meáin / Nach sin é ina dhubhchrónach oíche é cheana féin. Seogaí! Cuirigí bealadh faoi na h-ioscadaí go beo. Tá beithigh le bleán agus le freastal fós romhainn san mbaile / Bíonn sé amuigh leis an bhfáinne bán chuile mhaidin, agus diabhal isteach aríst go mbeidh an dubhcrónach ann, agus go minic in a dhiaidh. Sin é an talmhaí agad! Diabhal bréag! /[Níl aon-lá ariamh féin nach mbéarfadh dubhchrónach na h-oíche air ar bhóithrí R. an Mh. Ach tá diúltú aige roimh a dhul siar ar fad le goirid. Go dtí an geábh sin fhéin anois, níor facthas siar é le saol agus aimsir. / Caitheann sí a bheith san mbaile luath chuile thrathnóna nó bheadh a "meaimí" le cuthach. Ach féadann sé a bheith dhá diúrnadh leis scathamh faoin aill annsiúd leis an dubhcrónach]/

Dubh oidhir (: deirtear dubh ghadhair scaití) = ainm-fhocal, buineann = sioc dubh, é a bheith ag sioc as cosa i dtaca nó go tréan; cuisní.

Tá sé ag séideadh dubh oidhre. Gabhfaidh sé thrí chlár daraí anocht / Diabhal mé go bhfuil sé ag cur dubh oidhre as cosa i dtaca. Beidh reólach ar bhóithrí amáireach. / Is maith í an dubhoidhir seo ag "meaingeals" … Ag ceapadh nach ngabhfaidh sé cho fada leó! Go dtugaidh Dia ciall duit! Gabhfaidh sé sin go talamh íochtair agus faoi /[Bhí sé ag cur dubhoidhre an oíche chéanna mar a bheadh Dia dhá rá leis. Agus meastú ina dheidh sin nach raibh sé caite annsin ar an mbóthar, agus dheamhan strúmpadh ná a dhath a bhí air nuair a fríodh é, ach é ina shrainn chodlata. Dhá dteigheadh culaith leac oidhre air siúd, dheamhan thiomanta ceó a dhéanfadh sí air. Tá sé cho folláin leis an mbreac.]/ Sneachta a gheobhas tú as an dubh oidhir seo. Tá droch-chur eicínt air ar chaoi ar bith. Ní chreidfinn béal an Phápa nach bhfeicfeá séidthe ina shneachta é an t-am seo amáireach. Is olc iad na tóineanna dubha sin thoir / Gabhfaidh sé ar dhubh oidhir as an ngaoith seo. Deirim leat go dtiocfaidh. An bhfaca tú an chaoi a ndeachaidh sí suas indiaidh a tóna aréir. Chuaigh scuaine de na géabha fíáine ó dheas anocht. Ní deagh-chosúlacht ar bith é sin /

Dubhleatha nó Dubhleathóig: ainm-fhocal buineann = cineál éisc (fc. leatha).

Dubhchosach: cineál fáis atá sna scáiniúchaí sna h-uláin nó sna leacrachaí in Árainn. D'fheicfeá í i scoiltiúchaí agus gan tada ann ach an t-ulán corpanta. Bíonn airde mhaith inte. Loirgne caola dubha uirre agus billeoigíní glasa míne eangacha. Níl fás ar bith is séimhe ná is míne ná í. Níl sí i gConamara chor ar bith cho fada le mo bharúil (maiden hair fern) (duxosəx)

Tá tú ar luirg na dubhchosaí! 'Sbainfidh mise dhuit anois í … Ní shin í go h-áirid. Sin sceamhachaí fia. Tá sí annseo thíos sna h-uláin. Bíonn an-tóir ag na strainséaraí uirre. Árdaíonn siad glac di leo i gcomhnaí nuair a bhíos siad annseo … An bhfeiceann tú anois í? Sin í anois an dubhchosach. Cheal nach mbíonn sí amuigh agaibhse chor ar bith? … Tá an iomarca fuaraíochta san aer amuigh annsin, agus na daoine ro-

dhoraerach! Tá míneadas agus mánlacht i muintir Árann nach bhfuil sna slóchtaithe! /[Tháinic pucairí as Gaillimh annseo lá ingleóiteoig. Chaith siad an lá ag treabhadh leo ar fud an oileáin nó gur imigh siad aríst trathnóna. Casadh liom féin annsin thoir iad. Bhí bean ann agus bhuail sí bleid chainte orm fhéin go h-áirid. "'Bhfeiceann tú an dubh chosach a fuair mé adeir sí." "D'eireodh dhuit" arsa mise. "Tá sí in a snáth mara ar fud an oileáin seo. Is deas an ball í sin anois in do phárlús, ach bí san áirdeall uirre go maith, agus déan leabthacaí teó len a h-aghaidh, agus coinnigh sdriog uisce uirre … ". An bhfuil a fhios agad céard a bhí aice: geósadáin. Diabhal focal bréige atá mé a rá leat: geósadáin!]/

Dubhliathán: ainm-fhocal, fireann = breac loca. Cineál liatháin é ach go bhfuil méid ann thar an liathán agus go bhfuil sé dubh thairis. Tá an liathán breactha le spotaí ach níl spota duth ná dath san dubh-liathán. Tugtar liathán dubh scaití freisin air. [Fc. liathán]

Sin é anois an dubhliathán. Cén áit ar mharaigh tú é? … In ascaill na locha. Ba mhinic le ascaill na locha dubhliathán a bheith innte. Tá béilí maith air / Tugann lucht na dolaíochta na liatháin do na maora, ach ní thiúrfaidís na dubhliatháin dóibh. Bíonn an iomarca solamair orra sin aca féin, agus tá mé ag ceapadh go bhfaighdís díol maith orra ach a gcur go G. /[Ní shin dubhliathán a deir tú ach breac geal! Dar príosta muise is gradha an scéal é! Agus céard é dubhliathán ach breac geal fiafraím díot! Nach dteag -ann na bric gheala ón bhfairrge freisin ar nós na mbradáin. Cuirfidh mise geall leatsa nach bhfuighidh tú aon-dubhliathán ar aon-loch nach mbíonn bric gheala uirre … Níl san loichín sin thiar ach bric ruadha.]/ Dubhliathán mo choinsias! Cár eirigh sé leat mar tá a fhios agam nach tú féin a mharaigh é! … Is tú muise! Dhá bhfeictheá maor fhoisceacht dhá mhíle dhuit thuitfeá as do sheasamh ar áit na mbonn. Is maith atá a fhios agamsa céard is cor do do leithide! / Níl liathán ná dubhliathán ná breac geal fágtha ar abhainn Ch. nach bhfuil maruithe aige, ach is beag a eiríos bradán ar bith leis /.

Dubhlia (: dūlʼīə) = ainmfhocal, buineann = áirne beag dubh atá i mbeithigh thiar ar an sclota ar an taobh deas. Gorm mórán atá sí. Is geall le "blue" í. Nuair a baintear as beitheach ní chuirtear aon chaitheamh san dubhlia. Dúil aodh, a deirtear amantaí (spleen).

Dhá mbuailteá bó ar an dubhlia thuitfeadh sí marbh nó thuitfeadh sí in a pleibistín ar chuma ar bith. Mharóchthá í go réidh freisin. Níl acmhuinn ar bith ag bó tangachtáil leis an dubhlia aice chor ar bith. Má eiríonn leat bó a bhualadh ar an dubhlia coíchin, agus indán agus go dtuitfidh sí, buail ar an taobh eile í ar an toirt. Ní fhágfaidh sin ceó uirre ach go mbeadh cáithíl bheaga chasacht uirre go ceann míosa b'fhéidir. Ach buail ar an taobh eile í. Mara mbuailidh, beidh siar duit féin /[Is fánach an rud a ghortódh an dubhlia ag bó. An iarraidh is lú ar bith dhonódh sin í. Is maith nach mór do dhuine a bheith san áirdeall ag seóladh beitheach dó. / Mara leigidh tú dhom buailfidh mé isteach ar an dubhlia thú agus cuirfidh mé ó mhaith na bliana thú, cuirfidh sin = ní feasach dom go h-áirid an bhfuil dubhlia san duine, ach níl san leagan seo ach samhail a deirtear amantaí len a thabhairt le tuiscint gur féidir buille a thabhairt don duine a dhonódh é cho maith leis an mbeitheach]/

Dubh-: Reímmír le ainm-fhocla, aidiachta, aidiacht-bhriathra. Ní chiallaíonn sé fearacht agus sna somplaí réamhráite (i) dath. (ii) droch-cháilíocht san ainm in a dhiaidh (dubhscríb, dubhdhraíocht agus rl.) ach tá an t-adhmad céanna le baint as agus atá as an réimmír "fíor" (fíor-dhona agus rl.). Is treise é ná "an-" ach níl réim "ro-" aige. [Tabhair faoi deara sna somplaí réamhráite go bhfuil an bhéim ar dubh .i. dubh-shnámh agus rl., ach le dubh- bíonn an bhéim ar an ainm-fhocal, ar an aidiacht nó ar an aidiacht-bhriathar a theagas ar a lorg. Sé a mhalrait leis an réimmír "do-" é. Fc. "do-". Tá an réimmír "dubh-" an-tréan i gcaint go h-áirid i gCois Fhairrge. In áiteachaí eile (Rosmuc agus rl.) is mó a bhíos fíor- aca ná é /.

Gabhfaidh sé an dubh-aois. Ní raibh duine ar an bhfeáin aca sin nach bhfuair

an-tsaol = gheobhaidh sé saol fada / Ba cheart don athair a bheith an dubh
-aois anois. M'anam go bhfuil aois chothrom ag an mac féin anois /
Rinne tú an dubh-chodladh bail ó Dhia ort. Codladh mhná Dhoire an Fhéidh
adeir siad, ó Dhéardaoin go Domhnach / Dhéanfadh sé an dubh-chodladh dhá
bhfágtaí ann é. Ní iarrfadh sé eirghe go deó / Dubh-mheirbhean báistí é
seo. Déanfaidh sé tuairt anois = an-mheirbheadas nó bróthall báistí
é seo. / Bhí an dubh-mheirbhean ann inniu. B'éigin dom chuile shnáth dhá raibh
orm a chaitheamh dhíom [idir-dhealaigh meirbhean agus meirbhthean = meirfean] /
[Fuair sé dubh-iarraidh. Bhí an tseamair Mhuire aige nachar ghiorraigh sí
leis ar fad / Bhí dubh-shiúl faoi = bhí an dubh-shiúl faoi = an-tsiúl amach
agus amach / Tá an dubh-ghaisce aige faoin ngníomh atá ann fhéin. Chonnaic muide
dhá fhéachaint cheana é, agus má chonnaic fhéin, ba dona é. Dheamhan ní ba
mheasa / Tá dubh-eirghe in áirde ag na gasúir sin. Dhá mbeadh an scoil
tosuithe aríst, ba mhór an suaímneas do na daoine é]/ Rinne sé dubh-
bháisteach (du-wāšd ʼ ə x) aréir / Bhí dubh-thráigh ann inniu. Bhí Carraig
an Duilisc leis / Tá dubh-chruach (: mhóna) amuigh aige. Gabhfaidh sí siúd an
leathchéad gan stró ar bith / Chítear dhom go bhfuil dubh-ghála ag eirghe.
Meastú an raibh an feóchan seo geállta san "álmanaic" … / Ní fuláir
dhuit dubh-dheifir a dhéanamh le breith istigh air anois. Bíonn sé greadtha
ar an dá luath agus a mbíonn a chuid tae ólta aige. / Tá dubh-chaint aice
faoin a dhul go Sasana go gairid. Ach níl ann ach chaint cheapfainn / Fear
é a bhfuil an dubh-spreacadh ann / Tá dubh-acmhuinn aige ar fhuacht agus
ar fhliuchán /[Tá dubh-phian orm isteach in mo thaobh, agus sílim nach arrainn
í. Bíonn sí ag priocadh liom go mór le tamall / Tá an dubh-fhuacht
orm agus is diachta dhom sin, arae tá an-chlúdadh orm.]/ Bhí dubh-sheanmóir
aige inniu = seanmóir an-fhada / Sin dubh-bhréag muis = bréag thar
cíonn / Chuir sé dubh-mhilleán orm faoin gcapall / Tá dubh-bhaint déanta
aige ar an bportach siúd anois = go leór móna bainte aige; go leór den
phortach bainte aige /[Tá an dubh-sheasamh agad agus éisteacht leis sin / Tá
dubh-chaitheamh san bpíopa seo, ach is beag an dochar dhó, agus an chaint atá
taobh istigh air / Shílfeá go ndeárna sé dubh-mhagadh fút. Tuilleadh diabhail
agad a d'éist leis!]/ Tá dubh-bhéal air = béal gránna; gráiscín / Táinic
dubh-olc (dubh-fhearg, dubh-spadhar agus rl.) air nuair a rinne mé an méid
sin a shamhlú leis. A dheárthair mo chroí ba é an droch-pheata é //

Duine dubh-bharainneach é ag déanamh chuile shórt / Tá sé dubh-chantalach
má chuireann tú chuige ná uaidh / Bean dubh-bhréagach í. Scéal ar bith a
chloisfeas sí cuirfidh sí a dhá oiread air agus a bhí ann / Teach dubh-mhór é. Ní
chreidfeá ach an áirge atá ann / Tá siad dubh-mhór le chéile anois th'éis gur
gearr ó bhí siad ag dul san bpíobán agán a chéile / Caracháinín
dubh-thaghdach é, le araoid ar bith a chur air. Ní feasach mé san domhan brách
tuige nach mbuaileann duine eicínt dual na druinne air. /[Fainic
thú fhéin Dia aithnighear! Tá an scian sin dubh-ghéar / Tá an aimsir dubh-
bhreá glóire do Dhia / Duine dubh-ghnaiúil é, an té a mbeidh aon-bheann
aige air, ach is duine san gcéad é sin / A mhic ó go deó, tá sé siúd
dubh-láidir. Níl aon-ghoir agadsa dhul ag dréim leis ar chaoi ar bith / Tá
an stól sin dubh-chorrach. Seachain a ndéanfá cleas an tradhaill dó. /
Feicthear dhom go bhfuil an oíche dubh-gheal / Ní chorróidh mé as an áit a
bhfuil mé. Tá mé dubh-thuirseach / Tá méir liom dubh-thinn. Déarfainn
go bhfuil sí ag déanamh braoin / D'fhága tú an sugán dubh-ghearr / Tá
sé dubh bhuailte de bharr na bainse]/ Tá na beithigh dubh-thuithte
ó'n aonach cheana = anuas san bpradhas / Tá sé dubh-chraiplithe anois.
Níl lúd ar bith fanta ann / Tá an bhróig seo dubh-chaithte. Níl an
feire féin innte anois / Tá mé dubh-bhuailte suas as mo chosa.
Dheamhan coisméig shiúil ar bith ag fanacht agam. / Tá sí dubh-chlaoite
an créatúr. Níl ann ach go bhfuil sí indiaidh a chéile / Tá an garraí sin thiar
dubh-chrínnte (: creinnte) anois. Níl gionnóid (: dionnóid, deannóid) air /
Tá dubh-bhruith ag an bhfeoil sin = bíonn sí an-fhada ag bruith / Tá sé dubh-
bhróllach (: brothallach) = an-mheirbh /[Tá mé dubh-thugtha anuas le cupla
mí = an-chaithte claoite / Tá an carraigín seo dubh-thriomuithe. Níl
cúram níos mó tuair air / Tá an bóthar siúd dubh-dheasuithe ó a bhí mise
air go deireannach / Deir siad go bhfuil a chois dubh-bhriste …
Tuitim de bhord lorry an lá faoi dheireadh. Tá na sean-lorraíochaí sin
cleasach ach an oiread le rud / "Cripes" tá an balla sin dubh-scartha.
Mara dteighidh caoi air gan mórán achair, tuitfidh sé anuas in a bhrúisc /
Bhí sé dubh-choipthe nach leigfí é féin ar an mbainis / Tá sí dubh-leigthe
léithe féin = dubh-bhainte amach]/ Tá an pórtar sin dubh-rodtha. Tholgfadh sé duine /
Tá an bhó sin dubh-thóigte [ní "do thóigte" agus an bhéim ar an gcéad siolla do] /
Tá mé dubh-thugta = an-tuirseach /

Duibhín, Duibh: ainmfhocla is cosúil. Níl siad ach san tomhais seo:
"Duibhín ó Duibh thar fairrge anoir, agus d'innseódh sí scéal gan féith
gan fuil" [Tomhais ar leitir. Sé an dubhach "Duibhín ó Duibh"]

Duifean (: Duibhthean) = ainm-fhocal, fireann = dúachan (: dubhachan), néalta,
nó tóin dubh san spéir; puchóid dhubh ar an aer; smúit theasa; fuaraíocht
nó deallrú; brón, buaidhreadh; briseadh croí nó dólás.

Déanfaidh sé braon eicínt báistí. Tá an duifean imbun na gaoithe.
= an ghaoth agus an dúachan san gceáird chéanna / Tá an duifean ag
cothú an-mhór san mbun sin ó mhaidin. Is gearr go bhfeicidh tú in a
dhórtadh é / Is maith an chosúlacht an duifean agus an ghaoth a bheith in aghaidh
a chéile. Ach bhí go leor léasáin agus saigheanannaí ann trathnóna aréir.
Tá an aimsir ag tarraint go h-áirid / Ní shaorfainn é nach bhfuil múr
eicínt báistí air. Tá an-mheáchan agus an-duifean san spéir sin ó
dheas / Ná bac le aitealla! Tá a chuid aitealla ar iarraidh inniu. An
bhfeiceann tú an duifean sin thiar agus é dúinte uiliog? /[Toirneach atá
san duifean sin thoir. Is furasta aithinte air é]/ Ba mhinic duifean
mór ar bheagán fearthainn = ba mhinic doicheall mór ar
bheagán fearthainn [sean-fhocal. Fc. doicheall. Deirtear duifean
scaithtí i leabaidh doicheall, agus thiocfadh dhó gurb é is cirte freisin] /
Tá duifean ar an aer inniu. Neart teas' agus uair bhreá atá air =
smúit dheannaigh atá i gceist annseo. Cruthaíonn sí san aer scaithtí
le neart uair bhreá /[Sin duifean teasa. Gheobhaidh tú í anoir. Téighfidh
sé sin na sean-chreatachaí ag an móin / Ní duifean báistí é sin chor
ar bith, ach duifean teasbaigh. Uair ar bith a bhfeicfidh tú an smúit sin
sa spéir, bí in do léine, in do mhaoil agus in do bhonnaíochaí ag sceanadh
portaigh / Dar brí an leabhair muis, tá duifean teasbaigh annsin.
An bhfeiceann tú é? Bail ó Dhia ort féin agus ar do smúit rabharta!
Céard a bhéarfadh smúit rabharta cho fada seo isteach faoi shliabh?
Dhá mbeitheá ar bhrollach an Achréidh, ba cladóir a bheadh ionnad i
gcomhnaí! Tá an sean-rabharta sin agus an tsean-fhairrge sin agus an
tsean-fheamainn dearg sin ag dul idir thú agus codladh na h-oíche. Bheadh cumha
ort is dóigh, mara mbeadh clagarnaíl na fairrge le cloisteáil agad!]/

Bíonn sé amuigh faoi fhuacht agus faoi dhuifean = faoi amluadh = faoi dheallracht faoi dhroch-aimsir / M'anam pébrí cén pháighe atá dhó nach mhór dhó sin, fear atá amuigh d'fheacht agus go h-áirid faoi fhuacht agus faoi dhuifean / Diabhal bréag nach maith a shaothraigh tú ó mhaidin é amuigh faoi fhuacht agus faoi dhuifean, agus cér chás é, dhá mbeadh aon-cheo dhá bharr — ac níl / Caillfidh sé sin é féin amuigh faoi fhuacht agus faoi dhuifean ag faire ar an snáithín feamainne sin. Nach measa do dhuine a shláinte ná í. Gheobhar in a staic san gcladach é maidin eicínt /[Tá acmhuinn aige ar fhuacht agus ar dhuifean. 'Ar ndú, dhá bhfaghadh fear eile an fhuaraíocht a fuair sé sin is fadó an lá a bhí a chnaipe déanta / Tá fuacht agus duifean orm = tá mé fuar agus fliuch; fuacht a bheadh ort de bharr báistí nó éadaí fliucha nó a leithide / Is beag an dochar dhuit fuacht agus duifean a bheith ort ar aghaidh na righteachta annsin thíos ó tháinic lá. Tuige san míádh nachar tháinig tú isteach? Nach bhfuil a fhios agad go bhfuil breith ar an obair sin? / Tá fuacht agus duifean orm ag strachailleacht san gcladach sin ó dheargadh na maidne. Dheamhan trí mhalach maith feamainne agam in a dheidh sin th'éis mo shaothair, ná cuid dhá bhfuil // Chuir an scéal sin duifean (croí) air = brón mó buaidhreadh / Tá duifean ar mo chroí ó chuala mé faoin a bhás. Ba é an fear ba mheasa liom dhá bhfaca mé ariamh é. Léanscrios go deó ar an gcogadh céanna: is iomdha buachaill maith le fán aige / Cuirfidh sé sin duifean muis ar dhaoine má chloiseann siad é sin. Na ridirí airgid seo, bhí déidín tuitthe aca faitíos go mbuailfí Sasana san gCogadh, ach mara mbeidh aon-mhaith le airgead Shasana anois, béarfaidh siad searrach nó rud eicínt! / Tá brón agus duifean ar mo chroí chuile lá ó d'imigh mo mhaicín uaim a thóig mé go bog agus go múirneach. Tá mé réidh leis anois. Ní fheicfidh mé aon-amharc air le mo ló aríst]/ Duine gan chroí nach gcuirfeadh rud mar sin duifean air. Is beag an dochar dhuit a bheith leath-chaillte a bhean bhocht. / Tá duifean croí orm ó d'imigh Máirín uaim. Ba mheasa liom í na gealacán mo shúl. B'fhurasta di sin a díol d'fhear a fháil san áit a raibh sí agus gan a dhul thar tír amach mar sin, an áit nach bhféadfaidh duine ná daonnaí a dhul ag breathnú uirre ar a h-anshógh ná ar a crúóig. Ach sin é an bealach atá le aos óg anois. / Níl call duit cumha ná duifean croí a bheith ort in a dhiaidh. Tá sé sin bail ó Dhia air indon a bhealach féin a dhéanamh. Agus tiocfaidh sé abhaile ar ball le cúnamh Dé, agus cuirfidh sé maoil ar an gcómhra le airgead /

Dubhadh (: duwə) = ainm bhriathar, ainm-fhocal = an oiread agus a dhubhódh nó a bhratódh.
[San aon leagan dubhadh na mbóthar nó dubhadh na mbóithrí]

Bhí dubhadh na mbóithrí de charrannaí ann. Ní fhaca mé aon-tsochraide ariamh ba mhó ná í. Bhí sí ó'n tSean-Chroich amach go dtí C. Cén bhrí ach a raibh ag fanúint léithe faoi bhealach = bhí na bóithrí ar fad faoi charrannaí / Go gcuiridh Mac Dé an t-ádh ort nach raibh dubhadh na mbóthar de dhaoine ann! Ní raibh limistéar istigh dhá leath agus bhí siad síos ar feadh na sráide agus amach i mbéal an bhóithrín. Amuigh a bhí an damhsa ar fad / Is furasta aithinte gurb í an Mháirt í dubhadh na mbóithrí de dhaoine ag dul soir. Ag dul ag an mbeairic ag "signeáil dole" /[Bhí dubhadh na mbóithrí de bheithigh aige ar an aonach inniu. Chuaigh sé siúd thar cíonn indeis le goirid, hébrí cár eirigh sé leis. Is geárr ó nach raibh bonn bán air. Ciste a fuair sé in áit eicínt. Ní hé féin a shaothraigh é ar chaoi ar bith / Chuaigh dubhadh na mbóthar de tincéaraí siar trathnóna. Ag tarraint ar an rása caithfidh sé. Is beag an baol orra a leigint thar a gcluasa mo léan / Bhí dubhadh na mbóithrí de phóilíos isteach ag B. na C. inniu hébrí céard a thug ann iad, marab aon-scliúchas achrainn a bheadh ann. Dá mbadh eadh féin shílfeá nachar chall an oiread siúd len a gceannsú. Bhí lán na h-Éireann aca annsiúd]/ Tá dubhadh na mbóithrí soir annsin inniu. An chúirt chreidim. Ní fhaca mé an oiread daoine go h-iomaidh agus atá cruínn ann inniu. Beidh fíor agus bréag annsin 'mo choinsias. Níl go dona ann ach an té a chaithfeas éisteacht len a gcuid glagaireacht sin go trathnóna. Tá mé ag ceapadh nach buíoch a bhíos an giúistís dóib go minic muis, agus iad ag iarraidh an dubh a chur na bhán air /

Dubh; Dubhaigh, Dubhadh, Dubhú, Dúachan, Duibheachan, Duibhe, Duibheacht = Briathra, Ainm-Bhriathra, Ainmfhocla = a dhéanamh dubh; dath dubh nó dath seargtha a thabhairt ar rud; duifean a theacht nó smúit nó scamaill [Fc. dubhachan]
[Tá an dá leagan ar an mbriathar "dubh" agus "dubhaigh", ach "dubhóidh", "dubhódh" is mó a bhíos san bhFáistíneach agus san gCoinníollach. Bíonn "dhubh" "dhubhaigh" san aimsir Chaithte. Dubhann agus "dubhaíonn" san Aimsir Láithrigh].

Dhubh (dhubhaig) an spéir uiliog thiar adtuaidh. / Dhubh na sceacha (: shearg siad, tháinic dath críon dóite orra) arú anuiridh ach imbliana siad na barrannaí

atá ag dúachan. Ní fhaca mé sioc mar é ariamh cheana faoi Bhealtaine / Dhá bhliain ó shoin tháinic stolladh amach an t-am seo bhliain agus dhubhaigh sé na sceacha. Bhí an fhlaisc thiar de chuile sceach dóite agus an taobh a bhí thoir di glas. Níor facthas a leithide ó a tháinic an chéad -fhear / Tá an oíche ag duibheachan = ag eirghe níos duibhe [ní abróchaí "ag dúachan" annseo, ná le rud ar bith atá dubh, meath-dubh nó dorcha cheana / Ní mór an t-éadach sin a dhuibheachan tuilleadh. Dheamhan mórán slaicht a bhéas air mar sin cheapfainn /[Tá na h-áirní ag duibh-eachan. Is gearr go mbeidh siad sách aibidh anois / Bhí sé dearg idtosach, agus d'imigh an deirgeadas as, agus shíl mé go raibh sé (: lot) ag cneasú ach in a leabaidh sin séard a rinne sé dúachan, agus bró thinn a dhéan-amh, agus b'éigin dom a dul chuig an dochtúr faoi. / Tá na ballaí sin ag duibheachan arís th'éis gur gearr ó cheana ó cuireadh aol orra. Is gearr go mbeidh siad dubhuithe go maith (: dubhuithe aidiacht-bhriathar i gcomhnaí) arís ag an simléar / Dubhóidh mise na súile dhuit an-éascaidh mara leigidh tú de do chuid dradaireacht' / Bhí sé liath goirid ó shoin, ach shílfeá go bhfuil sé ag dubhú (: a chuid gruaige) arís, maran daithte aige atá sí / Tá an spéir sin ó dheas ag dubadh (dubhú) arís. Ráig eile atá air. Cho luath agus a gheobhas muid fáfall gabhfamuid abhaile. Níl gnatha ar bith againn dhá(r) gcailleadh féin annseo]/ Tá na fataí ag dubhú as éadan (: leis an dúachan) / Tá cuid mhaith talmhana dubhuithe (: deargtha, curtha) aige le cupla lá / Tá sé ag duibheachan thar mar a bhí sé ar ball. Sin é duibheachan an mhaidneachain / Céard a dhubh do léine? Tá a fhios ag mo chroí dhá bhfaighteá léine ghlan chuile lá go mbeadh sí dubh arís trathnóna / Beidh an mhóin sin ag dubhadh léar (de réir) mar a bhéas tú ag dul síos bárr léithe. An-mhóin í ar an ceathrú bárr / Shílfeá go bhfuil an lá ag dubhú = ré dhorcha ann / Tá an oíche ag dubhú = an oíche ag tuitim; an lá ag diúltú dhá sholas [Ach "tá an oíche ag duibheachan" .i. bhí sé in a oíche cheana, agus bíonn an oíche i gcomhnaí a bheagán nó a mhórán "dubh", ach eiríonn sí níos duibhe le "duibheachan"] / Tá na billeógaí ag dubhadh. Is gearr uatha nó go dtuitidh siad anois /[Tá an meall sin ag dubhadh, ainneoin gur síl mé go ndéanfadh sé seile. Ach sí an mháthair ghuir a fheicim. Tá barr bracha air ceart go leór]/ Tá tú ag dubhú páipéir bail ó Dhia ort. Is diabhlaí nach ngráineochthá

(nach ngránochthá) den scríbhneóireacht uair eicínt! / Dubhaíonn sé páipéar, bíodh aon-mhaith ann nó ná bíodh = "breacann" sé / Tá criathrach dubhuithe aige ar chaoi ar bith = a lán móna bainte agus scartha aige air ["tá talamh dubhuithe aige" = curtha, deargtha] / Sin í an iarraidh a dhubh mo chroí ar fad: bás Nóra = a chuir duifean air; a bhreódh mo chroí; a scal é agus rl. / Ní raibh sí leath cho mór i m'aghaidh nó gur dheasaigh lucht na mbréag léithe. Dhubhaigh siad sin a croí ar fad i m'aghaidh / Dubhóidh an scéal sin a chroí ach a gcluinidh sé é, ach m'anam gur beag sin againn mar gur beag é a thruaighe féin d'aonduine /[Ní fuláir duit an drad sin agad a sciúradh corr uair, nó is gearr go mbeidh do chuid fiacla rodtha. Tá siad dubhuithe uiliog le goirid / Is mór atá an oíche dubhuithe ó a tháinic mé isteach]/ Tá an oíche ag dul 'un duibheacht (nó "un duibhe" scaití) = ag eirghe dubh = ag duibheachan / Caith sneachta ar a lorg go maidin agus a dhuibheacht agus atá an oíche = ní féidir a fháil anocht agus an oíche cho dubh agus ata sí / Ní hé an duibhe chéanna a thug an dath sin ar an snáth agus a thug an dath seo th'éis gurb é an dath céanna é, nó go bhfuil sé in ainm agus gurb é ar chaoi ar bith / Níl duibheacht ar bith san oíche anocht /[Is beag an duibheacht chor ar bith atá in a chuid gruaige, th'éis go raibh ceann a athar ar dhuibheacht an áirne / Ní duibheacht (ní dubh) go dtí í. Sí an oíche is duibhe í a tháinic i mbliana / Ní duibheacht go dtí an oíche anocht. Tá sí cho dubh le anam tincéara / Is beag eile duibheacht a dhéanfadh é anois; dubh na h-iongan. … Teaga leis! A tá do dhá dhíol agad air anois / Nuair a fheicfeas tú an bun sin ag dubhú bí ar do shon féin annsin. Is gearr uait báisteach = ceaird áirid den spéir]/ Ní thiurfadh sé an oiread agus a dhubhódh mo bhéal dom. Tá sé an-ghortach = an oiread agus a d'fheicfí in do dhrad (: de bheatha, milseáin agus rl.) / Ní bhfuighidh tú an oiread agus a dhubhódh do bhéal di. Dheamhan é muis. Is dona uait fhéin roint nuair a bhíos rud agad / Is beag an mhaith d'aonduine leat agus páirt a fhuagairt ar an ngortachán siúd. Ní bhfuigheadh a mháthair an oiread agus a dhubhódh a béal uaidh, má bhíonn dúil aige fhéin ann. / Ní bhíonn orra ach spoitín beag bídeach — dubh na fríde — idtús bliana. Ní mórán le go dtiúrfá faoi deara chor ar bith é. Ach cairíonn sé amach, agus dubhíonn siad (: fataí) i leabaidh a chéile, agus ní bhíonn siad inithte chor ar bith indeireadh bliana / Crón a bhí sé sin an chéad uair ach tá sé ag duibheachan anois le goirid / Tá mé ag ceapadh go bhfuil fataí dubhuithe (duhī). Bhí siad dubhuithe (: duhī) nuair a bhí muid dhá lánú anuiridh: Is gearr anois go ndubhaí (: ɴuhī) siad (: go dteaga an dúachan orra) /.

Aguisín le dubh (aidiacht):

Sioc dubh a bhí ann = cuisne / Sin mullaí dubha = (i) cineál turnapaí (2) cineál éanachaí cladaigh. (iii) cineál luibhe i bhféar (fc. mullach) / [Tá tóineannaí dubha ar an aer = cineál néalta (Fc. tóin) / Déanfaidh an t-éadach grándubh má fhágann tú annsin é (Fc. grán) / Tá do léine cho dubh leis an bpota = salach, brocach / Tá go leor sméara dubha ann = sméara / Tá sé cho dubh le scuabadóir = tá sé cho dubh leis an "sweep"]/ Bhí léine ar a chraiceann cho dubh leis an "sweep" / Tá sé cho dubh leis an daol. / Ní duibhe an daol fhéin ná é / Is duibhe an fhéasóig atá air ná an daol fhéin /

Dubhachan. Aguisín (fc. "dubhachan" san gcnuasacht seo cheana).

Bhí an-dúachan ag brocach Bhríd Ní Churraoin. Tá mé ag ceapadh go bhfuil an sionnach taitithe ann = an talamh talltuithe agus dubhuithe ag béal na brocaí fearacht agus dá mbeadh bualadh sionnaigh nó bruic ann. /[Chuir mé súil ribe ag bun an chlaidhe ach níor rug mé ar aon-choinín pé aca sin é. Measaim nach coinín a rinne an bualadh siúd chor ar bith. Tá an iomarca dúachain ann. An broc a theagas ann]/ "Nuair a tháinic sé ar an mbáinseóigín, bhí sé ag spaisteóireacht síos agus suas, agus ní fhaca sé duine ar bith ann. Is gearr go bhfaca sé dúachan na gcéadta ag déanamh air. 'Mo chrá croí nár fhagha mé mara h-olc an job a rinne mé nar leig liom an triúr eile,' a deir sé [as sean-scéal — "An Ridire Gaisce" — ó Sheán Ó Laidhe Cuilleán, an Cheathramha Rua) = meall nó toirt a bhí san anmhéid. Laoch eile a bhí ag teacht /[D'éirigh mé an mhaidin faoi dheireadh ag an cúig a chlog le breathnú ar bhó atá gar do laogh annsin thoir, agus a mhic ó mo chroí thú, chuala mé an fothrom, agus bhreathnaigh mé síos. Bhí dúachan na gcéadta ar an spéir an uair sin agam (: chugam) isteach an Sunda Salach. "Aeroplanes" Mheiriocá a bhí ann ag dul síos ó thuaidh. Ní raibh sé taobh le cupla scór a bheith ann]/ Chuala mé Michael se'agaibhse ag rá go raibh sé ag obair san taebh ó dheas do Shasana — Bournemouth — "D day" agus go raibh dúachan na gcéadta de bháid aeir ag dul don Fhrainc. Bhí an t-aer dubh uiliog aca, adeir sé. Nach h-iad a rinne an íosbairt ach a chuaigh siad go ceann cúrsa /

Dálta (: dáLta) (Fc. dalta). Aguisín. [Ainneoin ar dúradh faoin bhfocal seo cheana, tá sé roint coitianta san gcaint in Árainn]

Tá sé téisiúil, ní hé dálta a dheirshiúr é = tá sé teann nó bunáiteach ní hé fearacht a dheirshíre é. Níl sise teann ná bunáiteach / Is tú atá dícheallach bail ó Dhia ort ní hé dálta daoine eile é. Is maith luath atá tú aníos on gcladach agus an mhuintir se'aghainne faoin bpluid fós. Ach ba lá corr é an lá inné. / Bheadh na liúrachaí ag gíoscán ar na fonnsaí sna curachaí atá agaibhse, ní hé dálta na gcurachaí atá annseo é. Ní mór do na curachaí a bhíos againne a bheith go maith. Níl de bhus ná de {?} /

Dual (: dūəl) = aidiacht = cuibhe, cóir, dúchasach, nádúrach, aicionta, dlighteach, riachtanach, ag luighe le sinsir nó le muintir.

"An té a ghníos imirce uabhair, is dual dó a bheith dhá chaoineadh" [as amhrán — an tSlis] = is cuibhe, riachtanach, nádúrach / "An té a ghníos uabhar is dual dó cailleadh" = [sean-fhocal] Is nádúrach is aicionta dó = "ní chaithtear an t-uabhar gan scanail an bhuadhartha". / D'eile cé a chaoinfeadh í ach é. Is dual dó (: ceart, cuibhe, tá sé ag luighe le réasún) a caoineadh. Nach h-iomdha bearradh maith a bhain sé ariamh di! / Is dual d'fheamainn a theacht ar an ngaoith seo: gaoth andeas / ['Ar ndú' is dual do'n aimsir a bheith fuar an tráth seo 'bhliain. Nach hí an dubh-luachair ceart anois í / Ba dual do mhóin na bportaigh sin a bheith go maith. Bhí sí amhlaidh ariamh / Is dual do'n talamh sin tabhairt a bheith ann, agus a dteigheann de leasú agus de chaoi air. / Ba dual do'n tsimléar sin gan aon-mharach a bheith air. Bhí togha an fhear ceirde in a éadan sin]/ Is dual do dhuine anois dúil a bheith aige sa tae, mar is annamh a fhaghas na daoine é / Is dual do'n chlog sin a bheith go maith. Ba mhaith é a chuid airgid freisin / Is dual athar dó a bheith achrannach = thug sé an t-achrann ó'n athair /[Ba dual máthar di a bheith cabach agus cúl a cainte a bheith léithe. / Go deimhin cá bhfágfadh sí an ghláimhthéisc! Ní ó'n ngaoith a thug sí í. Ba dual muintire di a bheith amhlaidh / Is dual dó sin. Ní raibh aon-fhear oibre le fáil a chinnfeadh ar a athair.]/ Má tá féin, sin é is dual dó. Níor cheart go bhfágfadh sé an guth in a dhiaidh ar chaoi ar bith. Sheas-fá sa sneachta ag éisteacht le 'chuile dhuine aca sin ag gabhail fhuinn / Ní tada eile is dual dó ach an túataighil. Mara mbeadh sé mar sin, bheadh sé ag dul in aghaidh dúchais. / Mar is dual do dhuine a bhíos sé. Gach aige mar a h-ábhar adeir siad /[Níor dhual duit a bheith anglánta ar chaoi ar bith. Ní hé a thug tú abhaile leat. Daoine síodamhla a bhí ariamh in do mhuintir / Ba é ba dual dó an éagcóir agus an chréatúlacht a dhéanamh. Bhí uncail aige in a bháille ag na M. annsin thoir … / Sin é is dual di sin: imeacht leis an scuir. Ní fhaca tusa deirbhshiúrachaí a máthar?]/ Ba dual Bríd annseo thoir di a bheith buille luath-lámhach. Níor fhága Bríd tada ar sliobarna dhá bhfaca sí ariamh nachar árduigh sí léithe / Is dual

Seáinín annseo thuas dó a bheith in a chlabaire = Seáinín a uncail / Is dual Pádraic Bán di a bheith tráthamhail. Ní raibh cinneadh ar bith air le deagh-chaint = ba é a h-uncail é / Is dual Bríd Mh. dó a bheith caidéiseach. Ní bheadh lá mairge ar Bhríd M. fiafruighe dhíot céard a bhí agad le do bhéilí /[Ba dual cloinn Mhac Confhaola dó a bheith santach ag an obair. An bhfaca tú duine ar bith aca ariamh nach mbeadh teas an aithinne in a thóin / Ba dual muintir an Bhaile Thiar di a bheith bladarach. Bladar ar fad iad = ba as an mBaile Thiar a máthair]/ Is dual muintire dhó a bheith stuacach pusach. Ní raibh ort a dhéanamh leis an athair ach do ladhaircín a 'sbaint mar sin dó, agus bheadh sé eirighthe agad in a stuineachán / A inghean Th. Mh. is dual duit an chaint a bheith agad, agus níor fhága tú dual ná slis di do dhiaidh! = fonóid focail nó "pun" atá annseo [fc. dual — ainm-fhocal] = thug tú abhaile leat an chaint a bheith agad, agus tá siad agad cho maith agus a bhí sí ag do mhuintir rómhat, 'chuile orlach / Mac J. Sh. Bh. ba dual dó a bheith bastalach, agus níor fhága sé dual ná slis dhe ina dhiaidh /[Ba dual dó sin an tsaint a bheith ann ó 'chuile thaobh agus níor fhága sé dual ná slis di ina dhiaidh. Feacha an rud a rinne sé leis an bpriobáinín talmhan' a bhí annsin thuas ag P. B. / Ba dual duit a mhic ó an fhoghluim a bheith ort. Bhí sí ar t'athair féin. Agus de réir mar adeir siad liom, níor fhága tusa aon-dual ná aon-tslis di in do dhiaidh]/ Tá an ghaisce ag M. agus 'ar ndú' mo léan má d'fhága an chlann aon-dual ná aon-tslis di ina ndiaidh castar leo é. Is diabhlaí ríméadach é an mac is sine sin ann. Tá culaith duine uasail air / Chaithfeadh sé a bheith mar sin ná duine ar bith eile a tóigeadh istigh ar aon-bhaile leis. As an scaibhtéaracht a fuineadh agus a fáisceadh iad sin ariamh. M'anam muise nachar fhága seisean aon-dual ná aon-tslis di in a dhiaidh ach an oiread le ceachtar aca /

Dual (: dūəl): ainm-fhocal fireann, uimhir iolraidh: duail (: dūəlʼ, ach dūlʼ scaithtí: Seán Ó Conaire, Baile Bán Gaillimh), duala, dualannaí.
Dual: orla; dlaoitheanna, dlaoitheogaí, slám tuighe, féir, fíonnaigh nó eile agus é fighte in a chéile; slám lín; píosa de chlár nó de mhaide idir dhá chlár, figheachán nó cornú a thugtar ar bréidín ag dul i seol agus rl.
Duailín: dísbheagadh ar "dual": ainm-fhocal fireann (: dūəlʼīnʼ)

Cé'n chiall duit an dual sin a fhágáil annsin = orla ar bhaithis duine agus an chuid eile de'n ceann lom / Le ríméad atá an dual sin annsin agad / Sin í an onóir: duailín mar sin a fhágáil as an mbaithis / Tuige nach bhfágfaidh tú duailín ar bith ann. Diabhal blas de'n ceart nach bhfuil agad. Níl gnatha ar bith agad dó anuas in do shúile / Tá an-chatghail innte, agus dual dá cuid gruaige anuas ar a leiceann. Sin í an onóir chreidim / Tá a cuid gruaige in a duala (duail, dualannaí) síos léithe taobh thiar / Nach breagh an cúl gruaige atá uirre agus é ina duala léithe síos / Bhain siad dual dhá gruaig nuair a bhí siad dhá cur i gconra / Sin dual de ghruaig mo mháthar go ndéanaidh Dia trócaire uirre! Nach breagh an dath gruaige a bhí uirre. / Bhí a cúl leigthe síos in a duail aice, an-fhada. Dheamhan a fhios agam ar chrap sí é nó gur phós sí / Tá a cuid gruaige in a duail — in a troilseáin — aice / Cé leis an chaora atá ag imeacht agus an duailín inte = Dlaoi nó scothóg de'n olann a d'fhágfaí ar dhruim caorach nó aniar ag na slinneáin nuair a bheithí dhá bearradh. Ingíl le go mbeadh sí so-aithnighthe ag an uainéara é / J. K. cloigeann catach, drioball fada, crosóig theara agus duailín = sin iad na comharthaí aithne a bhí aige ar an gcaora / Cé'n chall atá dhuit duailín a fhágáil uirre, má tá tú ag dul dá brandáil. Dá mbadh fear maith thú, bheadh aithne chinn agad ar do chuid caorach. Tá faitíos orm nach mbeidh tú in do ridire caorach go deo ach an oiread liom féin. Ní bheidh ná in do mhaor féin / Cé mhéad a chuaidh molt an duailín /[Meastú nach hé reithe an duailín a bhí sé ag iarraidh a chuir orm, ach ní cheannóchainn uaidh é. Dheamhan cruach mhóna a bhruithfeadh é sin anois, tá sé cho roighin sin. Tá agus sceithte ar fad th'éis na reitheadha. Ba deas mé muis ag iarraidh a bheith ag creinneadh a shean-chnámha sin le fiacla fabhtacha]/ Is deas an feic é dar fiadh, agus gan sciolltar air, ach an duailín sin i gcomhnaí ag imeacht le gaoith. Aithneochar é mo léan / Ní slachtar a rinne sé é ó a chuaidh sé dhá bearradh (: capall). Tuige ar fhága sé an duailín sin annsin uirre? Faitíos a bhí air nach n-aithneochadh sé í is dóigh! // Tá an duailín laghduighthe aice seo soir = a gruaig bearrtha aice; "an bearradh bradach" tugtha ar a cuid gruaige aice / Is mór a chuir sé

as a slacht í an duailín a laghdú. Ní dhéanfar aon-amhrán níos mó faoi chúl gruaige na gcailíní / Breagh nach laghduigheann an cuileach -án seo anuas a duailín féin agus a bheith sa bhfaisean cho maith le duine / Caithfidh sí an duailín a laghdú anois má thugtar soir í. Is beag a thaithneochas sé léithe sin oíche a chaitheamh thoir annsin / Níl aon-bhean i do thír nach bhfuil an duailín laghduighthe aice ó thosuigh caint ar an droch-thinneas seo. Ach is cuma sin dóib. Tiubharfar soir annsiúd iad, agus bearrfar amach ó'n dúid iad /[Is fhearr le S. bean a mbeadh an duailín laghduighthe aice, mar tá ag an "nurse." Ní fhéadfaidh sé breith ingreim cúl cinn ar a leithide sin agus tosuighe dhá strachailt ar fud an tighe]// Tá dual ar chosa an chapaill = an orla fionnaigh atá síor ón a glúine: speir / Indar liom féin, tá bacghail eicínt uirre. Ní féidir breith ingreim duail chor ar bith uirre / Tá mianach an-dalba sa gcapall sin. 'Bhfeiceann tú na duail atá uirre /[Rug sé ar dhual uirre, agus thoisigh sí ag réabadh ar an toirt. Faitíos a bhí uirre go mbacfadh sé leis an gcrúib. Ní mian léithe a dhul ingoire na crúibe chor ar bith]/ De chapall cho beag léithe, is mór na duail atá uirre. Chuir mé cronuighe annta ar an bpuinte // Is minic a chonnaic mé crios Bhríde, agus rinne mé freisin í. Ní raibh ort ach trí duail thuighe a chur innte agus í a dhéanamh in aoirde duine /[Níor mhór duit rópa trí dhuail len a h-aghaidh sin. Bhrisfeadh sí rópa dhá dhual = dhá dhual fighte as a chéile mar a bhíos i dtéadrachaí agus i rópa]/ Bhí cábla wire trí duail aige, agus dheamhan Goll Mac Móirne a bhris-feadh é. Ba bheag an baoghal /[Fagh téad trí duail, cho mór agus a bheadh ag bádóir, agus mara ndéanaidh sin thú, níl a fhios agamsa cé'n scéal é]/ D'fhuadaigh sé téad trí duail a fuair sé ag imeacht ar sliobarna thíos ag an dug. Bhí sé istigh sa scioból mór siúd aige. Meastú nachar goideadh uaidh aríst í. 'Ar ndú' níorbh é leath-chóir Dé é arsa tusa, agus an chaoi ar eirigh sí leis féin /[Cuirtear dhá dhual sa súgán dúbalta le go mbeadh sé tacamhail ceart. Ní theigheann sa súgán singil ach dual amháin. Níl sa sugán reatha ach dual amháin mar a chasfá é]/ Chaith mé an lá ag leigean súgáin dhá dhual dó, agus corr-shúgáin aige. Má chaith féin, bhí

mé meathta críochnuighthe aige. Chuireadh se an iomarca fuinnimh ionnta, agus bhrisidís uiliog /[Amach annseo go gcasfa tú súgáin dom! Ní chuirfidh muid ionnta ach dual amháin: ceathramhnaí iad le h-aghaidh na cruaiche]/ Níor mhór dhó sin súgán dhá dhual. Tá fuagairt an ghála annsin / "Chuirfeá duail i mapaí (: sórt "plaits" mar a d'fheicfeá ingruaig). Bheadh duine ag déanamh duail agus dhá síneadh agad, agus thú dhá bhfigheachán isteach sa mapa. Dhéanfaí súgán tuighe idtosach agus bheadh duine ag déanamh duail duit, agus chuirfeá isteach iad is 'chuile áit dhá bhfeilfidís, go mbeadh fad an mhapa déanta agad, agus thiocfá ar ais aríst ag tóigeál na ndual, agus ag cur isteach duailíní is 'chuile áit dhá bhfeilfidís" (: sliocht as cuntas ar dhéanamh mapaí nó mataí — ó m'athair) /[An bhfaca tú ariamh M. B. ag déanamh mapa. Bhíodh dual beag agus dual mór aige ann agus chaithfeadh 'chuile dhual a bheith mara chéile. Ba bhreag uaidh mapa a dhéanamh]/ [Cáiteoig ab eadh. Déanamh mapa a bheadh uirre. Chuirfeá duail innte ar an gcaoi chéadna. Bhí mise go maith ag déanamh mapaí agus tiachógaí tamall, ach ní fheicfeá duine ar bith ag déanamh aon-cheann aca anois]/ Foighid ort anois. Dual beag — duailín a bhéas mé a iarraidh. Caithfidh mé an dual seo a chur isteach idtosach. Ní leigfidh an mapa seo puth isteach feicfidh tú féin air / Chuirfeá duail agus baibíní sa gcír i mbarr an tighe. [Duail: mórán an rud céadna a theigheas 'sna mapaí. Coirníní tuighe] /[Teastóchaidh tuilleadh duail agus baibíní l'aghaidh na círe siúd maran lib an braon a bheith i gcomhnaí as an maide mullaigh agaibh]/ Bhí glac mhór dhuail déanta agam, agus ná raibh ann mara bhfuair an deabhac d'asal leigean orra, agus strachail sé ó chéile iad ar fud na sráide /[Dhá mbeadh fear maith freastail agam, is gearr a bheinn dhá cur, ach b'fhearr dom uaim an té atá agam. Níl dual ná baibín na scolb dhá dteastóchaidh uaim nach gcaithfidh mé féin a theacht anuas ag cur caoi orra. Níl sé sin indon tada a dhéanamh ach go dtiubharfadh sé gabhail thuighe suas agad, agus is neamh-áirdeamhail é fúithe sin féin]/ Céard atá le déanamh agad ach an bior a chuir isteach idir dhá dhual agus coinneochaidh sin an tuighe. Is

furasta aithinte nach tuigheadóir thú, ach ní fearr duit ar bith é. Is mór an meárú ar dhuine an tuigheadóireacht chéadna /[Ní mór duit an bior sin a fháisceadh síos go maith idir na duail! Ná fág ar bogadh chor ar bith é]/ Dhá mbeadh dual bharraigh agad le cur le do bholg, b'fhéidir go dtiubharfadh sí fuarú dhuit ar an bpian bhuilg sin. Tá leigheas 'sa mbarrach / Dual lín: slam nó dornáinín de'n lín; an oiread lín agus a bhuailfeá in éindigh leis an tuairgín nó leis an tslis nó ar chloich / An bhfaca tú ariamh dual lín dhá bhualadh. Chaithtí é a bhualadh ar nós coirce le na cuilg a bhaint as / Buaileadh an oiread air agus a bhuailfí ar dhual lín = fuair sé túirne Mháire /[Buailfidh mé an oiread ort agus a bhuailfí ar dhual lín mar a n-éirighidh tú as do chuid aisiléaracht'.]/ Shílfeá gur dual lín a bhí aige leis an lascadh a bhí aige air / Tá máistir annsin thoir agus dheamhan aithne air nach duail lín a bhíos aige le na gasúir, leis an ngreadadh a thugas sé orra /[Cé'n sórt bualadh atá agad ormsa. Dheamhan aithne ort nach dual lín ata agad ann! / Ní bhuailfeá a leath-oiread ar dhual lín agus a buaileadh air sin, ach má buaileadh féin ba bheag an mhaith sin. Níorbh fhéidir an ámhailleacht a bhaint as]/ Sin é agad annsin anois é, agus lasc leat é, mar a dhéanfá le dual lín. Dheamhan an miste liomsa anois, má ghiorruigheann tú leis. Bíodh a mhilleán ort féin / Marbhuigheadh é sin ariamh. Fuair sé an oiread de chartadh uatha sin soir, agus nach mbeadh capall ní áirighim duine beo in a dhiaidh. Nach mbíodh sé mara bheadh dual lín aca, agus 'chuile dhuine agus a iarraidh féin air, agus 'nuair a bheadh duine réidh leis, d'ionnsóchadh an ceann eile é. /[Diabhal aithne air, nach dual lín é an "bicycle" aige le na h-iarrantaí atá sé a thabhairt dó. 'Chuile uair dhá mbuail-eann an cantal é gheobhaidh an "bicycle" pléisc]// Ní mór do'n tsnáth lín a bheith in a dhuailíní len a dhul sa seol = ceann an tsnáithe a ceangal suas agus slat nó maide a chur thríd. Déantar le snáth ar bith é a bhíos sa seol ach go gcaithfidh sé a dhul thríd an tslinn agus thríd an ughaim idtosach sul a gcuirtear ar an ngarmain é / Déan -faidh mé duala anois de thosach an tsnáth agus cuirfidh mé maide thrín a leithead / An figheadóir seo thíos ní mar sin a ghníos

sé chor ar bith é. Fágann sé an aige a bhíos fighte sa seol, agus annsin tóigeann sé an bréidín atá ar an ngarmain agus greamuigheann sé in a chéile iad. Tóigfidh sé dual de 'chaon bhréidín ina leath-láimh — in a chiotóig: Dual de'n gharmain agus dual ó'n seol. Caithfidh sé na criosannaí annsin a scaoileadh agus a ngreamú leis an láimh atá in a comhnaí. Beidh sé dhá ngreamú sa gciotóig ó dhual go dual, agus é ag cur 'chaon snáth le chéile nó go mbeidh sé in a chéile uiliog. Annsin gabhfaidh sé 'san ughaim agus 'sa slinn // Duail a chuirtí ionnta mar sin fadó. Tairngí a d'fheicfeá ag dul anois ionnta = píosa de mhaide no de chlár a chuirtear isteach i bpoll le dhá chlár a shnadhmadh, nó le taobhán agus raca a shnadhmadh /[Is dona a snadhmadh adhmad an tighe seo. Níor fáisceadh na duail ceart. Dhá bhfaiscthí, ní bheadh an oiread gíoscáin aca]/ Tá mise in don na rataí a ollú agus duail a chur ionnta féin agus 'sna taobháin, ach níl mé indon a gcur suas ceart in a dheidh sin, th'éis go sílfeá gurb é an rud is réidhche ar fad é. /[Cuir dual beag isteach sa bpoll sin anois, agus coinneochaidh sé snadhmtha iad. Má tá tú sáthach stuama, sin ní fhágfaidh sé go deó]/ 'Bhfeiceann tú na taobháin atá idir na cúplaí seo. Dualanna atá ionnta sin uiliog, ach 's adhmad nuadh a bhfuil eile ar an teach, agus tairngí atá dhá snadhmad /[Níl aon-mhaith dual a dhul annsin. Níl sé déanta len a aghaidh. Ní choinneochadh dual é. Is beag an baoghal a bheadh air]/ Ó tá siad cho mór sin le chéile, tuguighidh aniar an siúinéara go gcuiridh sé dual ionnta, agus go mbeidh siad greamuighthe dhá chéile uiliog. 'Sé a theastóchadh uatha. Níl scaradh ar bith aca le chéile // Dual na druinne = measaim gurb é an dual lín é a bheithí a bhualadh leis an tuairgín nó leis an tslis (Fc. dual lín thuas. Fc. freisin "Dronn" sa mBiseach) / Buaileadh dual na druinne air = fuair sé an-lascadh; fuair sé liúradh Chonáin; buaileadh an oiread air agus a bhuailfí ar dhual lín /[Buailfidh mé dual na druinne ort mara leigidh tú dhom / Buaileadh dual na druinne air sin agus é ag eirghe suas, ach dheamhan maith a bhí ann. Ghreamuigh an ámhailleacht dhó in a dheidh sin]/

'Séard a bhí a dhéanamh leis sin, ná duine ar bith eile a bheadh ar a chuid cainte dual na druinne a thabhairt dó. Sé atá sé a thuaradh dhó fhéin ar aon-chor /[Chaith sé ucht eicínt (: cainte) leis an bhfear seo thíos ag dul thar an teach, agus d'eirigh sé seo thíos amach agus thug sé dual na druinne dhó]/ Beidh tú ar siubhal nó go bhfaghaidh tú dual na druinne uatha siúd. Nach ort atá an bheith le go gcaithfidh tú a bheith ag siocadh leo / Ní fhaca me aon-lá ag an scoil ariamh an ceann céadna nach mbuailfí dual na druinne air. Ní raibh meabhair ar bith ann le tada a thógáil /[Chuaidh sé abhaile agus thug sé dual na druinne do'n bhean, agus thug sé leis páipéar deich bpunt annsin agus níor tháinic sé abhaile go raibh a dheireadh ólta aige]/ Tuill-eadh diabhail aige má fhaghann sé dual na druinne. Chaith mé dhá uair ag tuineadh leis ag iarraidh a thabhairt abhaile, ach ní raibh aon-mhaith ann. Ní éadáil mhór an dream atá cruinn-ighthe air anois /[Tugadh dual na druinne de bhualadh dhó ann, agus ná raibh Dia leis, marar mhaith an aghaidh sin air.]/ Thug muintir na h-áite thiar dual na druinne dhá ndeachaidh siar as seo ann. Níor fhéad aon-duine aca teach na bainse a thaobhacht-áil igcaitheamh na h-oíche ach sáithte i bpuill agus i bpruch -ógaí taobh amuigh /[Tá dual na druinne de shneachta caithte aige a mhic ó. Diabhal mé go bhfuil muca sneachta suas annsin agus go dtiocfá go dtí do mhuineál ionnta = go leor sneachta]/ Tá dual na druinne de bháisteach air. Is furas-ta aithinte ar na mútaí sin thiar é: na tóineanna dubha sin atá siar andeas /[Níor mhór dó dual na druinne de bháisteach a dhéanamh anois, shul a bheadh díol na ndaoine ann. Tá 'chuile shórt spalptha. Níl aon-bhord ag gabhail liom annsiúd suas nach bhfuil scáinte]/ Chaith sé dual na druinne de bháisteach aréir. Tá chuile chlaise 'soir annsin ag dul thar bruach. 'Bhfeiceann tú an trinse sin thíos agus í cab ar chab leis an mbóthar /[Ná bac leis sin, ach mise a fuair dual na druinne de bháisteach an oíche sin. Ní raibh snáth thuas ar mo chraiceann nach raibh in a líbín]/ Gheobhaidh tú dual na

druinne di. Ag athrú aimsire atá an tóirneach seo, agus tiubharfaidh sí léithe an bháisteach. Is gártha na scaltrachaí atá sé a chaitheamh /[Tuilleadh diabhail ag an tír anois mara bhfuil dual na druinne de shneachta faighte aice. Agus ní tús ná deireadh fós dó. Tá sé ag biadhú as aríst. Níl aon-éan ann ar chaoi ar bith!]/ Rinne muid dual na druinne de dhamhsa aréir = go leor / Gheobhaidh sé dual na druinne de phoitín annsin anois. Gheobhaidh sé an oiread dó ar chaoi ar bith agus go ngránóchaidh sé aríst air go ceann píosa /[Gheobhaidh sé dual na druinne de'n chúirtéaracht shul a eireochas sé aisti. Nach aige atá an tóir uirre! Bhí buadhannaidheacht eicínt aca sin uiliog lena mná]/ Beidh sé ag dul ar na tórraidheachaí nó go bhfaghaidh sé dual na druinne dhíob. Ní fhaca mé a leithide de scaibhtéirín ariamh i láthair cuirp. An oíche a raibh an tsean-bhean sin thiar dhá tórradh, chuaidh sé fhoisceacht mbeannuighidh Dia dhom eirghe agus é a thabhairt isteach ar an smut dó. / Bhí dual na druinne aca ann = go leor daoine agus rl. / Chruinnigh dual na druinne ann ar an bpuinte boise /[Ara beannacht Dé Dhuit! Bhí dual na druinne de dhaoine ann. Cérb as a dtáinic an mathshluagh siúd ar fad.]/ Bhí dual na druinne ar an tsochraide indiu. Shílfeá nach ndlighfeadh an oiread siúd sochraide ann. Ní fhaca mise ag mórán sochraideachaí é féin ariamh /[Bíonn dual na druinne istigh annsin 'chuile oíche ag imirt chártaí. Dheamhan gail de'n teine a fuair mé ó a tháinic an t-áirneán ná cuid de ghail]/ Bhí dual na druinne d'fhámuiri soir annseo indiu. Sin é a gceird anois aríst nó go bhfeicidh tú an tSamhain seo chugainn. Ní féidir siubhal síos annsin aca. Tá siad caithte in a srathradhachaí is 'chuile áit ann /[Tá dual na druinne aca sin ann bail ó Dhia orra. Dheamh-an lá dhá dteighim isteach ann, nach bhfeicim duine eicínt nach bhfaca mé cheana. Ba cheart dó a bheith ag fáil leathchorónachaí ar chaoi ar bith, agus is dóigh go bhfuil]// Thug sí cosa ar duailín dó. Sin é an chaoi ar thug sí abhaile é = suidhe aniar ar ghualainn duine, agus cos ar gach aon-ghualainn ar sliobarna aniar. / Ag iarraidh cois ar duailín a dhéanamh atá tú. Dar fiadh

ní bhfuighidh tú a chead muis. Meastú an bhfuil rud ar bith ar m'aire-sa ach cosa ar duailín a thabhairt duitse th'éis mo lae. / Ní haigh-deá atá sé a iarraidh ach cosa ar duailín. Suas leat ar an mbord mar sin, agus tiubharfaidh mise dhuit é. Seol leat /[Ba é an chaoi ab éascaidh dhuit uiliog é a iompar dhá mbeadh a chosa ar duailín aige. Ach ba shin é an áit a raibh an obair a chosa a chur ar duailín]/ D' iompuir mé M. sin cheana anoir as S. G. agus é ar chosa ar duailín orm. B'fhusa liom sin ná é a thabhairt liom ar mo dhruim. Is deacair siubhal agus duine agad ar do dhruim. Bíonn duine an-mhío-stuama ar dhruim duine eile, mara mbeadh páiste ann go díreach /[Tá an bhean siúd aige cho beag agus go bhféadfadh sé a tabhairt is 'chuile áit agus a cosa ar duailín. Is beag an stró a bheadh air: Feithideach claoidhte caithte í]/ Caith suas thú fhéin do chosa ar duailín air. Is beag an stró a bhéas air sin thú a iompar. Ní aireochaidh a dhromán sin thú a dhath / Bhí fear mór annseo thíos sa "show," agus 'sé'n obair a bhíodh air ag tabhairt cosa ar duailín do na gasúir uiliog. Bhíodh a mh'anam ag sodar timpeall an gharrdha leo, agus 'chuile dhuine atá ag iarraidh marcaidheacht a fháil air. Tarraingigheann 'chuile ealadhain na pighneachaí chreidim /

Dúithche (: dūhə, dū ; dūçə Achréidh) = ainm-fhocal; buineann; uimhir iolraidh : dúithcheannaí = an oighridheacht talmhana a bheadh ag tighearna talmhana; an méid tionóntaí a bhíos ag cíosú le tighearna talmhana [Ní chiall-uigheann sé ceanntar nó límistéar tíre annseo, mar a chialluigh -eas sé in áiteachaí eile, ach fc. an sean-fhocal fút síos]

Dúithche na mBlácach, Dúithche an Mhuiréisigh, Dúithche Bherridge, Dúithche an Fhrionsaigh, Dúithche Shailearna, Dúithche na bhForbacha agus rl = ainmneachaí dúithcheannaí / Dá mbadh liom Dúithche na mBlácach ní bhfuigheadh sé pinginn uaim / Dá mbeadh Dúithcheannaí an Fhrionsaigh aige, chuirfeadh sé droch-rath orra / Dhá mbeadh Dúithche an Choimínigh aige, ní phósfainn é / Ní raibh deoraidhe ar an dúithche seo

nach raibh salach, ach dheamhan duine a cuireadh as seilbh 'na dheidh sin. Go deimhin dhá bhfaghadh cuid de na báillí agus de na gíománaigh a bhí ag an máistir cead a gcinn, ní bheidís amhlaidh / Bháith sé a dhúithche ag imirt chártaí. Nuair a bhí 'chuile shórt eile caillte aige chuir sé an dúithche = chuir sé a dhúithche ingeall, nó i bhfiacha nó i "mortgage" / Tá an dúithche sin báithte /[Chuir sé a raibh de dhúithcheannaí aige ariamh i mbáthadh / Ní raibh tionónta istigh ar an dúithche nach gcaitheadh dhá lá sa tseachtain a thabhairt dó ar a chuid talmhana fhéin]/ Ní raibh aonduine ariamh dhá raibh ar a ndúithche nach raibh buidheach dena M. / Sílim go ngabhfaidh mé ar an ngiodán is trioma de'n dúithche = ar an leabaidh / Tá Seán anocht ar an ngiodán is trioma de'n dúithche. Tá ragairne trí oíche anois air / Ó teirigh ar an ngiodán is trioma de'n dúithche. Tá tú in do dhall dúda le codladh /[Meastú nach bhfuil sé in am a dhul ar an spota is trioma de'n dúithche. Is trioma ann é anocht ná amuigh ar chaoi ar bith. Is millteach an oíche í míle buidheachas le Dia]/ Tá a fhios agamsa go maith cá bhfuighidh tú é sin. Gheobhaidh tú ar an ngiodán is trioma de'n dúithche anois é: ar an leabaidh /[Má tá tú dhá thóraidheacht sin lá ar bith roimh an dó-dhéag, caithfidh tú a dhul ar an ngiodán is trioma de'n dhúithche. Is ann a bhíos sé go mbíonn an lá ársuighthe go maith]/ "Is buan duine in a dhúithche fhéin" = [sean-fhocal] = faghann sé fad saoghail ann; bíonn sé ar a nádúr féin imeasc a mhuintire fhéin, agus fágann sin nach mbíonn brón ná cumha ná treampán air, agus go mbíonn a mhuintir féin i gcomhnaí aige le seasamh dhó /[Is fhearr dhuit fanacht sa mbaile anois ó atá riar agad. Is deise dhuit é ná an tabhairt sin a thabhairt ort féin aríst. Is buan duine in a dhúithche féin, adeir siad]/ Mharbhuigh an cumha í i gcomhnaí i Meiriocá. Ní raibh aon-luighe aice leis ariamh. B'fhurasta di sin muis a theacht abhaile agus áit mhaith a fháil, mar bhí na pighneachaí aice. Ach ina leabaidh sin phós sí, agus bhí sí réidh leis an mbaile annsin. Sin é a thug bás di cho h-óg sin. Is buan duine in a dhúithche fhéin i gcomhnaí / [Sé'n áit is cineálta dhó a theacht annseo anois, agus teach a dhéanamh ann, ó a tá sé eirighthe as an scoil. Is ann is fhearr a gheobhadh sé a shláinte, agus bheadh a mhuintir fhéin fhaoi agus thairis i gcomhnaí, le bheith ag freastal air. Is buan duine adeir siad in a dhúithche féin]/

Dúiseacht (: dūšəxd): ainm-bhriathar, Ainm-fhocal; Briathar: dúis-
ighim, dúiseochaidh mé agus rl. = (i) do mheabhair agus do chéadfaí a theacht
duit arís taréis a bheith in do chodladh. (ii) Beithidheach nó feithideach
a chur in a shuidhe nó ag rith as an áit a mbeadh sé in a luighe nó ag lonnú.
(iii) Rud a raibh dearmad air, nó nach raibh i gceist a tharraint anuas nó a
mheabhrú arís do dhaoine eile.

Bhí mé in mo dhúiseacht le hóra lae indiu / Tá sé ina dhúiseacht ó'n
ceathair a chlog ar maidin / Caithim an oíche i mo dhúiseacht. Tá neamh-chod-
ladh ag dul dom / Choinnigh an ghlafarnach a bhí ar na mádraí in mo dhúiseacht
i gcaitheamh na h-oíche mé / Tá sé gan dúiseacht ó bhí tú annseo cheana =
níor dhúisigh sé / Dhá laghad dúiseacht dhá ndearna mé chuala mé an
bháisteach /[Ní dhéanaim mórán dúiseacht ó thuitim mo chodladh, ach
is deacair liom tuitim mo chodladh / Rinne mé cuid mhaith dúiseacht
aréir hébrí céard a bhí orm. Codladh gan sásamh é nuair a
bhéas tú ag dúiseacht 'chuile mhionnóid / Bíonn sé i gcomhnaí ag
dúiseacht thrín a chodladh. Ní thugann sé chúig noiméid leis
scaithtí gan dúiseacht]/ Sé'n chaoi a raibh mé idir a bheith mo
chodladh agus mo dhúiseacht = ní raibh mé in mo chodladh ceart, ná in
mo dhúiseacht ach an oiread / Sin í mo cheird-sa i gcomhnaí: idir
a bheith mo chodladh agus mo dhúiseacht / Mar sin a chaithimse an
oíche: idir a bheith mo chodladh agus mo dhúiseacht. Teagann néalltrúchaí
orm agus dúisighim arís ar an toirt / Bhí suanaidheacht orm
ar maidin: idir mo chodladh agus mo dhúiseacht, agus d'airigh mé ag
caint ar an tsráid é /[Sin é an codladh a ghnímse igcomhnaí: idir
a bheith mo chodladh agus mo dhúiseacht mar sin. Ní fhágann sé éitir ar
bith ionnam lá'r na bháireach]/ Is cantalach an éadáil é le dúiseacht. /
Tá sé ó dhúiseacht anois, má tá sé annsin (: thar éis a chur sa roillig) /
Dhúisigh tú mé as mo chodladh / Is beag is aite leis sin a dhúiseacht as a
chodladh. Nachar fhuagair sé gan altóir fios a chur air ó ló: sin nó é a
fhágáil go dtí lá'r na bháireach / Díol cam ort! Dhúisigh tú mé as mo
chodladh le do chuid uallfairte /[Ní dhúiseochadh an trompa mór é / Dhá
mbeadh bunnán luinge faoi'n gceannadhairt aige ní dhúiseochadh sé é]/
Ná dúisighthear mé go dtí an deich a chlog ambáireach ar

chontar ar bith, mara mbeadh indán agus go mbeadh an teach thrí lasadh! /
Codladh in a dhúiseacht atá air = codladh bréige = é a bheith in
ainm agus a bheith in a chodladh, ach fios maith aige faoi 'chuile shórt dá mbeithí
a rádh; nó dhá mbeadh ag tarlú faoi agus thairis /[Sin é féin an
codladh in a dhúiseacht a bhí air sin. Ní raibh sa gcodladh sin ach
slosaidheacht fea'int a leagfadh sibse láimh ar aon-cheo. Chuirfinn
geall go raibh leath-shúil leis oscluighthe]/ Bíonn sé ag bordáil
chodlata mar sin 'chuile oíche beo, ach codladh in a dhúiseacht a bhíos
air / Tá baoghal uirre a bheith ina codladh go deimhin. M'anam má
tá gur codladh in a dúiseacht é. Sin é a ceird sin i gcomhnaí, go
bhfeicfidh sí a n-abróchaidh an dream a bhéas istigh aon-cheo. Chuir mé
féin agus T. Mh. Ch. splainc aníos in aice len a cois oíche, ag ceapadh go
ndóghfadh sí í féin léithe, ach mo chreach mhaidne! / Níl ann ach
codladh in a dhúiseacht = duine nach mbeadh aon-ghus de rath ann, agus a
bheadh an-támáilte, an-seachmallach ag imeacht. "Duine gan aon-
mhothú le rath agus a dhóthain mothú ann in a dheidh sin" (m'athair). [Bíonn
sin ag imeacht leis an gcodladh ina dhúiseacht, nach mbíonn ann
ach amadán iarainn. Brathann sé gach uile rud]/ Séard é féin codladh
in a dhúiseacht. Shílfeá dhó nach bhfuil gus ar bith ann, ach is beag an néal
atá air sin in a dheidh sin, té (: cé) go gceapfadh an duine a d'fheicfeadh
mar sin é go bhfuil / Ara ní bheadh sé déanta ag an gcodladh ina
dhúiseacht siúd imbliana, marach go bhfuair sé congnamh faoi. / Céard
a bhéarfadh domsa a dhul i gcleitheamhnas codladh ina dhúiseacht
mar é sin. M'anam nach ngabhfad muis /[Déarfá le breathnú
air nach bhfuil ann ach codladh in a dhúiseacht, agus nach bhfuil
meabhair ar bith ann. Ach deir siad, ina dheidh sin go bhfuil éirim mhór
ann nuair a bhainfeadh sé amach 'un cainte. Ach is beag duine a ndéanann
sé teanntás ar bith air]/ Dheamhan cuma máistir scoile chor ar
bith air siúd. Níl ann ach codladh in a dhúiseacht ag imeacht. Deir
siad go líonann na malraigh a chuid pócaí le miarógaí (: méarogaí).
Níl ceann-chruim ar bith orra ar aon-chor ó a tháinic sé ann /
Tá sé in a chodladh adeir tú! Muise codladh gan dúiseacht aige! /
Dúisigh suas adeirim! Tá sé thar am eirghe / Dúisigh suas feasta.
Tá an lá ársuighthe go maith anois // Dhúisigh muid girrfhiadh san

'san easca = bhí sé in a luighe nó in a chodladh, nó sínte ann, nó sa leabaidh dhearg, agus as go bráth leis nuair a d'airigh sé muid / Dhúisigh mé cho maith le h-ocht ngirrfhiadh indiu, agus níor mharbhuigh mé an ceann féin aca / Deir tú leis an gcú sin a dhúisigh girrfhiadh i mbarr na ngarrantaí indiu /[Ar dhúisigh sib mórán cearca fraoigh? Bhí an áit sin suas beo anuiridh leo ar aon-nós / Dhúisigh siad naosc sa lag-chlaise siúd atá in íochtar an gharrdha, ach má dhúisigh fhéin sin é a raibh dhá bharr aca. Scaoil sé fúithe ach níor mharbhuigh sé í. Foghlaera maith atá indon ag naosc / Dúiseochaidh sibh é, siar annsin in áit eicínt 'sna breaclachaí sin, ach caithfidh sibh na brocachaí a dhúnadh i dtosach. Mara ndúinidh níl aon-mhaith dhaoib ann. Tá cuain aige (: an sionnach) i scailp Dh.]/ Chaith mé an lá ag foghlae -racht ar bheagán samhaoine. Aon-phatar uisce amháin a dhúisigh mé / Ní raibh sé ach dúisighthe (: girrfhiadh) nuair a bhain sí cor as, agus chaith sí dhá choráil annsin deich nóiméad annsiúd ar an gcruadhas, nó gur rug sé isteach ar an gcriathrach báithte. Bhí sí as annsin / Diabhal coinín ann le dúiseacht. Ní fhaca tú rud ar bith ariamh a chuaidh 'un gainne cho mór leo le cupla bliain /[Bhí muid ag coinnleoireacht oíche anuiridh thíos 'sna crígh-eannaí sin thíos agus dhúisigh muid éan aisteach eicínt sa sceich chuilinn / Dhúisigh sé sean shíothmálachaí eicínt nachar thaithnigh le P. ar chuma ar bith, agus diabhal blas a dhéanas sé ach a shean-dorna a thabhairt dó isteach ar an smut = tharraing sé anuas sean-údair throda nó námhadais a bhí eatorra; mheabhruigh sé do Ph. go raibh siad in aghaidh a chéile roimhe seo faoi rudaí áiride]/ Ní raibh aon-mhaith aige ann nó go ndúisigheadh sé an scéal aríst; th'éis go raibh sé fuaraighthe roimhe sin. / Má's leat rud de'n tsórt sin a dhúiseacht, bí faoi réir l'aghaidh achrainn. Meastú an leigfidh sé siúd leat é. Is beag an baoghal air / Bhí muid ag siubhal anoir an bóthar de réir a (: ar) gcoise i gciúin -chomhrádh agus muid cho mór le chéile agus a déarfá linn é, nuair a dhúisigh T. aríst an rud a thárla thuas tigh Mh. an lá fadó. Sin é a raibh ann. Spréach L. Rug sé ingreim píobáin air, agus shíl sé a chur thar claidhe, nó go ndeachaidh mé féin ag déanamh réidhtigh / Tá sé mór agad a dhul ag dúiseacht rudaí a bhí fadó an lá ann. Má's sin é an scéal é, tá rud le dúiseacht ag 'chaon duine againn! /

Dógh ghorm: ainm-fhocal; fireann, geineamhnach uathaidh — dógh ghuirm
Dógh ghorm = cineál muirtéil chruaidh a chuirtear d'urláir i gcroithe
nó i sciobóil. Foghnann sé freisin ag saothrú riasca nó talamh
sléibhe. Scartar amach tiugh air é mar aoileach. Chuala mé
"blue mortar" air i mBéarla. Tá sé dhá chaitheamh in aer ó a tháinic
an stroighin.

Dógh ghorm a chuirfeadh bail air sin. Dheamhan riasc dhá fhiadháine
nach bhfuil sé in don a thabhairt 'un míneadais /
Dógh ghorm agus gaineamh gortach a chur ar sin
agus bheadh sé ag tabhairt chruithneachta duit faoi cheann dhá bhliain /
Léan ar do chuid dógh ghorm agad! Cuirfidh mé "cement" ann. D'eile! /

Dubhach (: dūx): ainm-fhocal, fireann agus buineann: fireann:
ciall (i) agus (ii): Buineann: ciall (iii). Geineamhnach uathaidh: dúbhaigh;
dubhaighe: ainmneach iolraidh: dubhchannaí (dūxənī).
Dubhach = (i) Lacht a scríobhtar leis. (ii) Cineál laicht a chuireas éisc
áiride uatha — an láimhíneach cuirigcás. (iii) Láib a bhíos i bportaigh agus
a mbaintear leas aisti ag dathú olla nó éadaighe.

Buidéal dubhaigh / Braon dubhaigh / Níl deor dubhaigh sa teach / Ní bheadh
aon sdriog dubhaigh de bhrabach ortsa / Dar príosta tá sé ag ídiú
dubhaigh hébrí céard atá sé a scríobhadh / Nach mór an lear dubhaigh a
cuireadh amú leis an méid sin bréaga = páipéar nuaidheacht / Dubhach dearg,
dubhach gorm, dubhach dubh / Níl an peann ag tál an dubhaigh mar is
ceart / Ní fhéadfá é a scríobhadh gan práibeanna dubhaigh a chur air /
Dheamhan mórán dubhaigh a ídighim-se sa mbliain a mhic ó. Dhá n-ídigh-
inn a laghad de 'chuile rud agus a ídighim de dhubhach, déarfadh lucht na siopaí
go mbadh díolaidhe maith mé /[Ní féidir an dubhach sin anois a bhaint as an
éadach. Chaithfeá an slacht a dhéanamh mo léan!]// Bhfeiceann tú an
láimhíneach a dhiabhail! Tá an t-uisce dubh uilig aige le dubhach =
streall de lacht dubh a chuireas an láimhíneach (breac nó iasc) as
féin /[Fainic é sin nó is gearr go gcuiridh sé as do shlacht thú le
scuaid dhubhaigh.]/ Dhá mbuaileadh an láimhíneach scuaid dhá

chuid dubhaigh ort, bheadh a fhios agad é. Bheitheá cho dubh leis an sméir aige agus is deacair a ghlanadh / Deir siad nuair a bhíos bric eile ar a thí gurb shin é an uair a dtosuigheann an láimhíneach sin ag cur dubhaigh uaidh. Ní fhágann sé míor meacan de'n fhairrge ina thimpeall nach mbíonn faoi dhubhach aige. Ní léar do'n iasc eile annsin é. Bhí mé fhéin agus máistir scoile a bhí annseo thuas ar "leave" tigh J. amuigh ar meath an bhliain cheana. Ná raibh ann mara mbuaileann ceann aca é. "Caith amach é i dtigh diabhail" adeirimse "ní eallach ar bith é sin le bheith dhá bhuachailleacht sa gcurrach". Diabhal caitheamh! Ag déanamh iongantais de na dathannaí a bhí air a bhí sé. "Oibrigh ort a bhuachaill" arsa mise i m'intinn féin "Ní móide go mbeitheá cho dathamhail ar ball". Ach níor bhac mé níos mó leis. Tháinic muid isteach sa gCaladh annsin thíos. "An bhfuil tú ag brath air an t-ógánach seo a thabhairt leat" adeirim féin, agus theann mé siar scaithín ar an tráigh. "Caithfidh tú treabhadh nó tiomáilt a dhéanamh, mar tá cúram orm an churrach a chur suas". Ní raibh fios na faillighe aige. Beireann mo dhuine bocht ar an láimhíneach, agus ní leis an láimhíneach ab fhaillighe é; scaoil sé scuaid as agus bhí an tráigh faoi dhubhach aige suas go dtí an leicín shleamhain údaidh sa meath-dhúrlinn. Níor thaobhuigh mo dhuine na currachaí uaidh sin amach /[Diabhal mé go mbeadh sí sin ag taoscadh dúbhaigh uaidh cho tréan agus a d'fheicfeá uisce ag teacht as píopa. Chuala mé fear a bhí sa gcogadh ag rádh go raibh cóstaí na Fraince breac ballach leo, agus go bhfeicfeá an fhairrge feadh t'amhairc dubh len a gcuid dubhaigh. Chreidfinn é freisin, dhá mbeadh mórán aca abuil a chéile]// Áit ar bith a bhfeicfidh tusa an mearbhall sin 'sa lag pholl tá dubhach annsin. Bíonn mar a bheadh ola ann as a cionn, agus an dúbhach thíos in íochtar. I sean-phortaigh is fhearr a gheobhfá í. Is mór a tóigeadh ariamh di thuas ar Dh. an Bh. Sna sean lag-phuill sin atá ag D. Sh. siar ó Ch an Gh. a d'fhaghadh na trí bhaile seo í. Dhá mbeadh láighe nó sluasaid agad, ní raibh call dhuit a dhéanamh ach a cur síos go h-iochtar agus an láib a thabhairt aníos léithe. Bhíodh muid ag cur feacannaí fada sna

láigheanntaí, mar bhíodh an-domhainn i gcuid de na puill.
Nuair a bheadh sí aníos ar bruach agad, chaithfeá an láib a bhaint aiste: ní thiubharfá abhaile leat ach an dubhach. B'fhurasta aithinte an dúbhach. Ní bheadh ort ach a diúrnadh, agus a tabhairt amach ó'n gcuid eile de'n lathach. D'fheicfeá an mearbhall innte i gcomhnaí. Thugadh muid abhaile le ancoird nó le buicéid nó le tubáin, nó rud ar bith ba thúisce agad í. Chuirfeá síos an olann annsin i bpota in éindigh leis an dubhach agus d'fhágfá thíos ar feadh an lae uiliog í. Níor mhór de'n olann a bheith bruithte as ruaim roimhe sin agus gan gionnóid (: dionnóid) shalachair a bheith ar a corp. Dhá mbeadh ní dhathóchadh do chumhachta í. Ní bheadh aon-ghlacadh aice leis an dath. Nuair a bheadh sí ar an teine níor chall di a bheith thar chnag, ach chaithfeá a coinneál brúighte agus measctha. Chaithfeá amach annsin ar chiseoig í, agus nighfeá aríst ar uisce í. Chuirfeá amach i gcliabh annsin í nó go dtriomuigheadh sí. Í a spíonadh annsin. Ba shin é an deis le dath dubh a thabhairt uirre. Dhá mbeitheá ag iarraidh dath buidhe … [sliocht as cuntas a thug m'athair dom ar dhathú olla] /[Ba chorr-áit a raibh an dubhach annseo. Bhí neart di 'sna lochannaí beaga sin atá suas S. Gh. ach 'sna sean-lag-phortaigh atá thuas annsin thuas ar chuid D. a bhaintí annseo í. Níl an láib sin ach in áit áirid. Cineál roighin dubh í. Dath dubh a thiubharfadh sí ar an olann. Ba chuid súlach an giota a dhéanfaí aiste.]/

Drisiúirí, Dristiúirí (: d ' r ' išūr ' ī, d ' r ' išt ' ūr ' ī) = ainm-fhocal: fireann.
Drisiúirí, Dristiúirí: seisreach chapall le h-aghaidh treabhtha
[Tá "Dreasadóir" — "a ploughman" a ploughteam driver i bhFoclóir Uí Dhuinnín, ach mar seo a chuala mise é ag talmhaidhthe]

"Péire dristiúirí (nó drisiúirí) faoin úghaim agus faoi chéachta Spagall sciúrtha agus crannóg árd" [As amhrán ó Sheán Ó Chadhain Baile Bán, Caisleán Gearr, Gaillimh] / Deir tusa gur talmhaidhe thú. Fóill ort anois. Céard iad dristiúirí … ughaim … béim … hannlaí … dromacán … An bhfuil a fhios ugad céard í céachta chor ar bith. Dheamhan pioc atá a fhios ugad faoi thalmhaidheacht! /

Duilleabhar (: dʼiʟʼūr): na billeoga (: duilleoga) a theagas ar chrainnte agus ar thorthaí agus ar fháis eile. [Is iondamhail go gciall-uigheann sé na billeoga fré chéile] [: ainm-fhocal; fireann]

Níor tháinic an duilleabhar ar na crainnte fós / Seas isteach faoi dhuilleabhar na gcrann / Duilleabhar an chrainn a bháith uilig mé / Dhá bhfanadh sé sin go dtagadh an duill-eabhar ar an gcrann, diabhal mé go bhféadfadh sé a dhul i bhfolach thuas igcrann agus nach bhfeicfí choidhchin é / Is gearr anois go mbeidh an duilleabhar glas ag fás / Chítear dhom go bhfuil duilleabhar glas amach annseo agaibhse. Is túisce a bhíos sé an taobh seo ná againne. Caitheann sé siocanna cruadha againne amach go lá Bealtaine / Níl duilleabhar ar bith ar na turnapaí sin imbliana = bláth nó bláthannaí a thugtar orra go h-iondamhail / Bainne duilleabhair fc. bainne /

Deidiorún (: dʼedʼərūn): ainm-fhocal fireann, geineamhnach uathaidh agus uimhir iolraidh: deidiorúin = spreallaire réidhchúiseach; súm sám; pleota; leibide; gamal; súmaire; púca de dhuine; duine failligheach; duine gan aon-ghus ceart. [Is doiligh ciall áirid a shainiú leis mar tugtar ar chuid mhaith cineálachaí daoine é.

An deidiorún! D'eile cé'n chaoi a mbeadh sé. Sin é an chuma atá sé a chur air fhéin! / 'Leabharsa muise má fhágann tú faoi'n deidiorún sin é go mbeidh sé déanta! Nar chuala tú ariamh é, gan amadán a chuir idteachtaireacht fir /[Céard a chas an deidiorún mór sin an bealach? Isteach againne a ghabhfas sé sin agus caithfidh sé an lá ag codaidheacht againn, mara bhféad-amuid sileabhar a chur ann]/ Cé'n sórt deidiorún de mhac é siúd aige. Chonnaic mé ag teacht aníos an lá cheana é agus bord na gcléibh de "maingiols" aige ar an asal. Bhí leathtromadh i gceann de na cléibh. "Cuir cloch 'sa gcliabh sin" arsa mise "nó ionntóchaidh an t-ualach. Diabhal cur, ach a chloigeann a bhualadh sa talamh. Is gearr gur ionntaigh an t-ualach. "Cuir suas anois é" arsa mise "má's breagh leat" /[Scread mhaidne air an deidiorún dona. Cé a thiubharfadh bean dó siúd. 'Ar ndú' níl gus ar bith annsiúd le pósadh. Diabhal a leithide de shúm-aireacht a chonnaic mise ar aon-dhuine ariamh agus a bhíos air]/

Driseachán, Drisín, Driseán (: d ʼ r ʼ išəxān, d ʼ r ʼ išīn): ainm-fhocal, fireann

Drisín: ainm-fhocal buineann = cuid de phutógaí caorach nó gabhar.

Bíonn sé siar ó'n gcaolán indiaidh na méadaile
móire agus na stéigeachaí. Rud an-fhada é, agus bíonn sé cornuighthe ar
a chéile nó go mbeirtear ar chloigeann air. Bíonn ruainne beag de'n
bheatha nach mbíonn leaighte thríd an gcaolán fanta sa driseach-
án. Nuair a baintear as na caoirigh, líontar an driseachán
le min-choirce agus rudaí de'n tsórt sin, agus a róstadh annsin ar
an teine. Solamar maith é. Tugtar driseachán nó drisín
air. Deirtear nach bhfuil fás bliana ar bith is fuide ná
driseachán na caorach, ach an dris choille.

Dair (: dar ʼ , dær ʼ) = ainm-fhocal, buineann; tuiseal geineamhnach
uathaidh: crann daraighe (: darī); ach Dharach amanntaí freisin, go
h-áirid in ainmneacha áiteacha: an Doirín Darach.
Dair: crann nó adhmad: oak.

"Fíon na Spáinne, dair Shasana agus fir na Fraince: na trí nídh is
láidre le fáil" / "Aois dhair Shasana: trí chéad bliain ag fás, trí
chéad bliain faoi bhláth, agus trí chéad bliain i gcrann luinge nó
báid" / Tá se cho láidir le dair Shasana / Dair Shasana a mhic ó,
ní raibh aon-chinneadh léithe / Sin é an t-adhmad. Dair ar fad, agus
ní hí dair na h-Éireann ach an oiread í / Coill dharaighe
atá ann. [Well dair is mó atá innte. Tá corr-bhéitheach freisin
innte ach is i bhfad ó chéile é]/ Bain an sean-chrann daraighe
sin ag tóin an tighe agus is fada go bhfeicidh tú deire do chuid
brosna caithte. Bheadh an-smutáin air sin /[Th'éis cho molta
agus atá an dair, ní adhmad maith í ar mhodh. Níl aon-chúis innte
le h-aghaidh na h-oibre seo ar chuma ar bith, mar níl aon-
lúbadh innte agus d'fhuireasbhaidh an lúbadh, is beag an mhaith é
seo]/ Cuinneoig dharaighe an chuinneoig is fhearr amuigh. Dhá bhfaighteá-
sa ceann de na sean-chuinneogaí — ceann daraighe a rinneadh Gaedhealach
ní raibh cinneadh ar bith leo. Tugann cuid de na cuinneogaí eile sin
blas ar an mbainne. Is mór a ghabhfadh cuinneoig anois / "Saileach

dhuit féin: fuinnseoig de do mac; agus dair do mhac do mhic" = mar dhóigh dhe go mbeadh an tsaileach in inmhe agus ag foghaint duit féin; ach nach bhfoghanfadh dair ach do mhac do mhic / Ag cur daraighe atá tú. Ag cur daraighe do mhac do mhic. Saileach adeir siad duit féin, fuinnseoig do do mhac agus dair do mhac do mhic / Tá asna de'n tsean -dair ar lár. Asna de'n tsean-dair in aghaidh dhá asna de'n dair óig. Fc. asna, easna /

Dualgas (: dūəlgəs): ainm-fhocal; fireann; geineamhnach uathaidh agus ainmneach iolraidh dualgais = (i) an rud is dual do dhuine, a nádúr a dhúchas, a cháilidheacht. (ii) Tuarastal, díolaidheacht, íocaidheacht go h-áirid tuarastal na cléire. (iii) Díoltas, cumaoin a láimhe féin; cúitiú; greadadh, ídiú, maide dhá mheadh féin. [Ní mheasaim go bhfuil dualgas (: duty, responsibilty) i gcaint, nó má tá is tanaidhe é. Ach is doiligh a bheith cinnte anois, arae tá an chiall sin cho coitianta i leabhra scoile, ag aos léighinn; ag "gaedhilgeoirí" agus eile agus go bhfuil sé tóigthe ag daoine. Ach ní cuimneach liom gur chuala mé ag aon-chainteoir údarásach ariamh é.]

Mura bhfaghaidh sé a chuid airgid agus a chuid dualgais, is cantalach an éadáil é. Tá an breathas air mar shagart = tuarastal; íocaidh- eacht Nodlag, Cásca, coirce agus eile [Achréidh] / Is dóigh go bhfuil dualgais an tsagairt íoctha ugadsa. Caithfidh tusa a n-íoc go puinteáil -te. Is máistir scoile thú. Daighean (: dheamhan) ar íoc mise fós daobhtha /[Dubhairt an phuicneach sagairt seo thíos indiu, go raibh sé leis an dualgas a árdú. Anois an bhfuil biseach agad! Bhí seanmóir aige ag moladh na boichteanacht' ach d'árduigh sé féin an dualgas. Beidh h-ocht scilleacha ormsa feasta … Is gearr ar a phóca siúd é: póca mór na h-uireasbhaidh]/ Tá 'chuile shórt ag glaodhach anois: dualgas sagairt agus dualgas siopa agus dualgas Govern- ment, agus chreidim go mbeidh tusa ag éiliú do chuid féin. Eatorraibh uilig, is deocair do'n duine bhocht maireachtáil / Dheamhan sagart is réadhcha (: réidhche) a chonnaic tú ariamh ná é, le dualgas a thabhairt dó. Mura dtugthá dhó ach scilling, ní abróchadh sé drúcht ná báisteach, ach

buidheachas a ghabhail leat. Dar príostaí muis níl sé cho furasta sin a gcuid a thabhairt do thuilleadh aca. An phuic mhór seo thíos ugainn féin … /[D'íoc muid dualgas sagairt indé agus tá sé seo amuigh anois ag teacht ag iarraidh a dhualgais féin. Ach pébí céard a dhéanfas sé seo amuigh, feicfidh muid maith eicínt ar a dtiubharfamuid dó, ach ní fheicfeam -uid dadaí de bharr an tsagairt ach ceasacht agus scaimhléar-acht]/ An iomarca áird' atá sagairt a fháil uilig. Is furasta dhóib a bheith ag gabhail le gaoith na gcnoc ar altóir 'chuile Dhomhnach agus cho beaithte agus atá siad ugainne. Deirimse leatsa dhá gcoinnigheadh muide na dualgais uatha aon-bhliain amháin go mb'fhurasta cur aca, ach dhá mbeadh duine ann a dhéan-fadh é sin, bheadh deichneabhar nach ndéanfadh /[Is cuma le sagart Bh. R. sa riabhach é ach a dhualgas a chaitheamh aige. Dhá bhfeiceadh sé fear dhá mharbhú, dheamhan focal adéarfadh sé faoi. Ach an roithdiallach de shagart atá annseo ugainne, níl neart agad fead a leigean ar do mhadadh nach bhfuagróchaidh se ó'n altóir thú. Ach níl leath-áird air anois mara bhíodh]// Thug an maistín sin de dhualgas é sin leis. Ní raibh duine dhár bhain leis nach raibh bundúnach brúisciúnta = ba dual dó a bheith amhlaidh: bhí sé fighte fuaighte ann / Má tá féin thug sí é sin de dhualgas léithe. Nach mbíodh a h-athair ag imeacht i ndoirse dúinte ag éisteacht /[D'eile céard a dhéanfadh sé. Thug sé é sin de dhualgas leis. M. C. a bhí annsin thoir, sheas sé oíche i mB. th'éis aonach na Faithche. Chreidim go raibh a dhóthain ólta aige, agus é ro-mhí-chuíbheamhail lena chuid airgid. Bhí athair an ghearr-bhodaigh sin anois istigh ann. Chuaidh sé amach. D'eirigh an fear amach de'n mhóinín bán taobh thiar de tigh S. Th. E. agus M. C. ag dul siar ann. Thug sé snaoim de mhaide dhó, agus níor fhága sé pighinn ruadh ag gabhail leis. Níl baoghal ar bith nach hé a bhí ann]/ Ó tuige nach mbeadh! Thug sí de dhualgas é sin léithe. Ba mhór an t-ár í an mháthair leis an ngaisce bheag sin / Thug siad sin de dhualgas leo gan mórán fíreamhlacht a bheith ionnta. 'Sé'n áit a gcaitheadh a n-athair féin a shaoghal ag imeacht ag fálróid ó chnocán

go cnocán agus carra chainte buailte aige ar 'chuile dhuine. Ní dhearna sé lá maith oibre in a shaoghal ariamh /[Tá sé sa dualgas aige a bheith ar an gceird sin (: is dual dó). Ní fhaca mé a athair riamh nach ag crinneadh rud eicínt idir a fhiacla a bheadh sé i gcomhnaí]/ Tá sé sa dualgas aice sin a bheith droch-mhúinte. Bhí ruibh ar a máthair, agus maidir leis an athair 'ar ndú' ba "show" shaoghalta é. Bhíodh muid ag caitheamh corr-mhiaróg leis fadó, agus d'fheicfeá gearradh fiacal air ag teacht in a' (: ar) ndiaidh / D'ól sé ionlaoighis phocaide, agus má d'ól féin arsa tusa, bhí sin sa dualgas aige. B'iomdha ráig bhreagh óil a rinne a athair féin ariamh /[Cneamhaireacht! Níl iongantas ar bith ormsa faoin a gcuid cneamhaireacht' sin. Tá sé sin sa dualgas aca. Níor fhága a n-athair ná a n-uncaileachaí tada in a ndiaidh ariamh mara mbeadh sé te ná trom]/ Má tá féin, tá sí sa dualgas agad. Go ndéanaidh Dia grásta ar an dream atá imighthe! Bhí siad socair suaim -neach. Ní fhaca aon-duine ariamh ag tarraint gleo ná siúite iad ar aonach ná ar oireachtas // Thug sé dualgas an tslisne dhó = cumaoin a láimhe fhéin = bhain sé dioghaltas dhe: rinne sé rud eicínt air roimhe sin, agus bhain seisean a shásamh nó cúitiú ar a shon dhe /[Tiubharfaidh sé dualgas an tslisne dhuit má fhaghann sé greim ort. Cé'n chiall a ndeárna tú an bhail sin a chur air. Tiubharfaidh sé fút garbh é muis, ach a bhfaghaidh sé deis ort]/ Thug sé seo thuas dual na druinne do'n chliamhain an oíche faoi dheireadh. Tháinic an cliamhain aniar ag iarraidh an chapaill air, ach sílim i leabaidh an chapaill a fháil go raibh an tseamair Mhuire aige nach bhfuair sé rud a mbeadh cuimne aige air. Ach thuill sé é. Ba bheag beag an náire a bhí air agus a thaobhachtáil chor ar bith, agus a ndearna sé de mhailís cheana air /[Má fhághaimse leigean ar bith choidhchin air gheobhaidh sé dualgas an tslisne uaim, diabhal bréag nach uaidh. Hébrí céard a chuirfeas mé as dó, ní ghabhfaidh rud ar bith ann dó ar chaoi ar bith. Cumaoin a láimhe féin atá a thabhairt do'n bhodach sin]/ Gheobhaidh sí sin dualgas an tslisne uaimse fós in omós na foghla sin. Cuirfidh mise cuid is mó ná sin as di feicfidh tú féin /.

Dúracht: ainm-fhocal; buineann; geineamhnach uathaidh — na dúrachta
Dúracht: díocas; spleodar; fíreamhlacht; déantús maitheasa; faobhar
oibre [i leagan amháin is mó a bhíos sé: "ag caitheamh a dhúrachta leis"]

Níl aon-dúracht oibre ann = níl aon-spleodar nó díocas oibre ann / Dhá
mbeadh dúracht ann, bheadh na cupla súileoig sin curtha aige le seachtain
agus gan a bheith ag fáil bháis as a gcíonn mar tá sé / Siúd é adubhairt
é le dúracht. Má tá tú ag iarraidh paidrín a rádh le dúracht cuir
é siúd dhá rádh = go breagh spleodrach cuíbheamhail /[Nach hé a d'innsigh-
eadh an scéal le dúracht go ndéanaidh Dia grásta air. Sheasfá ins
an sneachta ag eisteacht leis dhá chur amach dhá chroidhe. Tá na
Fiannóirí imighthe uilig anois]/ Tá sé ag lánú le dúracht annsin thuas.
Is mó na clocha ná an lán atá sé a chur ar na fataí sílim [
Is minic a bhíos an chiall seo leis: an iomarca spleodair nó díocais,
i riocht agus gur mó a mhillfeadh ná a leasóchadh an té a bhíos amhlaidh]
/ Chaith sé a dhúracht ag iarraidh T. a thabhairt chuig an D. ach
ní ghabhfadh T. leis = chuaidh sé go bog agus go cruadh air; sháruigh sé
é féin leis /[Nach deas an caoi anois orm é th'éis mo dhúracht a
chaitheamh leis an ngort sin, nach bhfuil fata de bhláth bliana
ann nach bhfuil foghluighthe. = shaothruigh mé go maith é, dhá leasú
dhá chur, dhá ghort-ghlanadh agus rl.]/ Teirigh in a éadan aríst. B'fhéidir
go gcuirfeá isteach é an "turn" seo. Ar chuala tú ariamh é go
meallfaí bean dhá gcaithtí dúracht léithe = má chaitheann duine
le rud ar bith dhá dhoilighe, déanfaidh sé é 'sa deireadh /[Dhá
gcaithteá do dhúracht, ach níor chaith, bheadh sé déanta agad. Ach
b'fhearr leat ag dradaireacht le 'chuile bhean óg dhá ndeachaidh
thart an bóthar. Níl gnatha ar bith thusa a chur ag obair ar shúil an
bhóthair]/ Is rud í an fhoghluim ar nós 'chuile shórt eile nach mór
dúracht a chaitheamh léithe. Is beag an dúracht atá an ceann seo
againne a chaitheamh leis an scoil muis. Ní iarrfadh sé breathnú ar
aon-leabhar go deo /[Cho uain agus a bhí sé ar na portaigh is mó an an
dúracht a chaith sé le mná ná len a cuid móna. Agus tá a shliocht air.
Níl díol ráithe de mhóin thirm anois aige]/ Chaith mé mo dhúracht leis ag
iarraidh a thabhairt abhaile, ach mo léan deacrach thú, ní fhágfaidh sé an
áit siúd go mbeidh an sciúrtóig dheireadh ólta aige /

Dúrachtach = aidiacht as dúracht.

Dúrachtach: díocasach, spleodarach, fíreamhail, fonnmhar chun oibre agus rl.

[Ro-dhíocasach, nó ró-spleodarach scaithtí. Fc. somplaí dúracht]

Is ait an fear é C. C.: Dúrachtach ceart / Nach hé athá dúrachtach i gcomhnaí indiaidh na mná. Smál é atá ag siubhal leis chreidim / Tá sé ag cur láin in aer thuas annseo: dúrachtach ceart /[Dhá mbeadh sé cho dúrachtach len a gharrdha agus atá sé leis an nathaidheacht sin, ní ag dul thart ag iarraidh cupla fata ar son Dé ó lá Fheil' Bríde amach a bheadh sé]/ Dar priostá, má tá féin, is maith an aghaidh pósta é. Fear maith dúrachtach é i ngort agus ingarrdha, i dtalamh agus i dtráigh. Ní bheidh aon-ocras ar an mbean a gheobhas sé ar chaoi ar bith, má ghníonn fátallaidhe di é. Is mór an feall nach fadó an lá a rinne sé é /

Deaslámhach = aidiacht = stuama; puinteáilte; gan aon-chiotghail ná mí-stuaim ag baint leis an duine; a bheith indon rudaí a dheasú

Tá mise in mo dhuine dheaslámhach. Deasuighim "bicycles" agus cluig / Duine deaslámhach é M. Bhfeiceann tú an chuinneoig sin? Bhí sí faoi scáinneadhachaí ar fad, agus thóig sé láimh as a cionn, agus dheamhan an deoir fhéin atá sí a leigean thríthe anois /[Má chastar aon-duine deaslámhach an bealach, caithfidh mé an "watch" seo a 'sbáint dó. Rinne sí glugar annseo i mbliana, agus chinn sé orm í a chur ag imeacht ó shoin]/ Fear deaslámhach thusa bail ó Dhia ort! Diabhal mé go mb'fhéidir go mbeitheá in don caoi a chur ar an mbróig seo. Chinn sí orm féin. Tá sí caithte isteach go feire. /[Tá sé sin deas-lamhach 'mo choinsias. Ní fheic -fidh tú aon-chuileóigín chlúmhaighe ag imeacht ar a chuid éadaighe ní hé m'fhearacht féin é]/ Tá sé deaslámhach ar 'chuile chaoi. Ghléasfadh sé béilí cho maith le bean ar bith, agus 'sé a bhligheas na beith-idhigh 'chuile lá 'sa mbliain. Casadh isteach ann mé oíche ins an áirneán seo caithte agus meastú cé'n cheird a bhí air?: ag cur an iarann ar a léine! /[Thóigfeadh sé siúd lúib ar stoca cho maith le aon-bhean ins an tír. Ní deaslámhach go dtí é a mhic ó. Bhí sé ag déanamh gaisce annseo thoir anuiridh gurb é féin a chniotáil 'chuile phéire stocaí dhár chaith sé le cúig bhliana agus dheamhan asna de M. B. mar tá cúl a chainte leis, nachar thug piteoig air! /

Duth, Dath, Tuairisc: ainm-fhocla [níl siad ach sna leagain seo thíos]
[Fc. dath, a dhath] [Tá siad tréan san gcaint]

Níor tháinig sé duth ná dath = chor ar bith; beag ná mór; dubh bán ná dub buí / Níl sé le feiceál duth ná dath ar an saol seo hébrí cá mbíonn sé sáite / Dheamhan a bhfaca mé duth ná dath dhe. Chaithfeadh sé gur imithe atá sé / Níor leag mé láimh air duth ná dath. Ach is geárr air sin bréag a chur orm /[Dhá mba mise thusa ní chuirfinn araoid air duth ná dath ach cead an bhealaigh a thabhairt dó. Is mór an sásamh leis araoid a chur air. Tarraingeóidh sé slí chainte air, agus sin é a bhfuil uaidh / Dheamhan mo chos a chuaigh ann duth ná dath. 'Ar ndú' bhí a ndóthain ann dem uireasa, go leigidh Dia slán na daoine / Ní bheannaím dhó duth ná dath. Dhá bhféadadh duine beannú dhó ach gan mór ná beag thairis sin a dhéanamh leis, bheadh an scéal ceart, ach do dhúshlán déan sin. Má bhíonn sé ag beannú dhuit chor ar bith, ní mian leis gan a bheith in a dhá chuid déag leat, ach is gearr idir a ghol agus a gháire. / Níor tháinic sé abhaile duth ná dath ó a chuaigh sé ann. Dheamhan a chos siúd a thaobhós an baile níos mó / Níl mé ag fáil mámh duth ná dath. Dheamhan a bhaladh le uair]/ Níl lá duth ná dath ag teacht (tirm) anois. Níor facthas a leithide d'aimsir ó cruthaíodh an chéad-fhear / Níl ceap duth ná dath san teach seo anois th'éis go raibh dhá cheap ann tá bliain ó shoin. [Ach ní bheadh fad méire istigh faoi chaolachaí an tí nach mbeadh scuabtha ag na creachadóirí sin síos / Níl píopa duth ná dath agam ó a bhris mé an seandúidín cailce indé … Tuitim as póca mo bháscóta 'deile! Tá mé in anchaoi ceart críochnuithe / Ní raibh fód duth ná dath aige (: de thalamh) ná gur thug an deárthair garraí annsin thiar dhó le teann truaighe. Anois is mó talamh é ná aonduine istigh ar an mbaile. Ní fheicimse dream ar bith is mó a mbíonn an t-ádh orra ná poilitéaraí. Feacha an ceann seo thíos … / Níl láidhe duth ná dath ag gabhail linn. An sean-cheann a bhí ann briseadh ar an bportach í.]/ Ní theagann a dhuth ná a dhath scaithtí = ní theagann mámh ar bith san roínt: bíonn an clár imeartha feidheartha / Ní dhearna sé a dhuth ná a dhath (nó: ní dhearna sé a dhath báistí. Fc. dath) báistí le trí seachtainí go Satharn seo (gha)bh thart. Tá chuile shórt spalptha críochnuithe anois / Níor ghla{?}

sé a dhuth ná a dhath ach a dhul amach aríst mar a tháinic sé
isteach th'éis a phionta a ól. Sin é an méid / Níor dhúirt sé a dhuth
ná a dhath ach suí síos annsiúd mar a bheadh "dummy" ann
i gcaitheamh na h-oíche / A dhuth ná a dhath féin níor thug sé dhom.
Dheamhan a dheatach! Ná bac le gortach! Siúd é atá gortach! /
[A dhuth ná a dhath níl ar a aire ach in a shuí annsiúd ar feadh an lae,
ag ordú do chuile dhuine eile céard a dhéanfas sé. Is maith uaidh geábh
nathaíochta a dhéanamh freisin má bhuaileann duine isteach aige / A
dhuth ná a dhath pórtair níl faoi chaolachaí an tí anois. D'ól an S.
grúdarlach an bhairille ar baillín. Na diabhlánaí de "lorries" sin,
ní thiúrfaidh siad amach as Gaillimh é nó go bhfeile sé dóib fhéin,
agus th'éis go bhfuil sé thíos ag an "station" len ar n-aghaidh, ní bhfuigheadh
an carr se'aghainn féin é. Anois nach ghradha an scéal é / Ní raibh a
dhuth ná a dhath maitheasa ar a chuid muc thar mo chuidse, ach rinne
sé a chríonnacht agus a ndíol de léim ar maidin. Sheas mis{e ó n}a
ceannachóirí agus bhí a shliocht orm: dá leiginn uaim ar an gcéad
tairiscint iad bhí agam. Ní dheachaidh mé fhoisceacht punt dó uaidh
sin amach]/ Níl a dhuth ná a dhath aoise agam air. Diabhal an lá. Chonnaic
mise é chuile lá ó tháinic mé féin in oirifirt agus é san munla céanna
a bhfuil sé inniu ann / Níl a dhuth ná a dhath maitheasa san sean-chlog
sin. Nach shin é stoptha chuile ré solais é! / Cuirfidh mise do rogha geall
leatsa nach bhfuil a dhuth ná a dhath aoirde aige ort. Tomhaisigh sib fhéin
anois go bhfeiceamuid / Níl a dhuth ná a dhath ná a thuairisc in aon-
áit. Tá faitíos orm go bhfuil sé ar iarraidh. Is minic le rud a bheith
ar iarraidh san teach seo /[Ní fhaca mé a dhuth ná a dhath ná a thuairisc
in aon-áit. Caithfear a chur sna gath seití (gazettí) / "Má theagann do
dhuth ná do dhath ná do thuairisg isteach ar an mbaile seo aríst" adeirim
féin, "maróidh mé ar áit na mbonn thú." Agus m'anam nach dtáinig
= ma theagann tú / Ná feicim a nduth ná a ndath ná a dtuairisg
faoi chaolachaí an tí aríst i mbliana (: cártaí). Siad na cártaí
céanna atá ag tarraint an chlampair / Má fhaghann sé siúd
leigean ar an gcáca, ní bheidh a dhuth ná a dhath ná a thuairisg agaibh,
má tá sib ag súil le strainséaraí. Nach bhfuil a fhios agaibh nach
sú salúin imbéal bulláin aige siúd bríce aráin agus an colla{?}
atá air / Thuit an "bomb" agus a dhuth ná a dhath ná a thuairisg níor frí{odh}
ariamh. Nach bhfuil a fhios agad nachar fágadh mion mullóg den duine boc{ht}
{i} ndiaidh a chéile.

Dúil = ainm-fhocal; boineann; geineamhnach = dúile; iolraidh = dúileanna (ach ní bhíonn sé ach go h-annamh i gcaint).

Dúil = (i) Fonn caithte, ithte nó blaisthe; tnúthan rud a fháil len ithe, len ól, nó le caitheamh; tóir nó a bheith tóramhail air. (ii) Súil, dóchas (athruigheann an focal "súil" agus "dúil" le chéile i ráidhtí áiride ach tá claonadh ann ag "súil", "dúil" a dhiothláith-riú ar fad ins an gcéill seo. (iii) rún, fonn, claonadh; brath.

[Ní mór a thabhairt faoi deara leis an luighe a cuirtear ar dhúil i gConnachta — nó i gConamara go h-áirid — go mbíonn "blas" indáil le i gcomhnuí i gceist. Cuirim i gcás is "tóir" a bhíos ag duine ar léightheóireacht, ar leabhra, ar bhádóireacht, ar mhná agus rl. Ach aindeoin sin déarfaidhe "dúil" i rudaí den tsórt sin amanntaí, leis an ainm teibidhe, ach ní abróchthaidhe é leis an ainm féin .i. "tá dúil aige i léightheoireacht", ach "tá tóir aige ar na leabhra". "Tá dúil aige ins na leabhra" — bheadh fonn a n-ithte mar bhiadh air! B'fhearr d'aos foghluma dúil a sheachaint cé's moite den áit a dteagann sé igceist in a riocht féin .i. beatha, tobac, ól agus rl.]

Tá dúil i dtae, idtobac, in ól, i snaoisin, agus rl. agam /[Ní bhíonn aon-dúil ro-mhór ins na fataí agam go dtí an ceathair nó an cúig trathnóna / Is beag an dúil atá agam i bhfataí chor ar bith, ach bíonn dúil agam ionnta corr-uair mar sin féin]/ "Gheobhaidh mé bás le dúil ins an bhfeoil" (amhrán — "Cearc agus Coileach") / "Is beag mo dhúil ins an imirt: is mór mo dhúil ins an ól." (Amhrán — Slúipín Vaughan) / Níl mo dhúil ann le fada = níl aon-dúil agam ann le fada / Is dúil ins an ól a d'fhága le fán é = is é an dúil a bhí aige ins an ól agus rl. /[Bíonn dúil ag 'chuile dhuine induileasc. 'Tuige nach mbeadh. / Is beag mo dhúil idtada ó a bhuail an tinneas seo mé / Níl dúil ar bith aige in ól — dheamhan dúil ná cuid de dhúil / An t-arán donn sin — sin é an cineál a mbeadh mo dhúil-sa ar fad ann. Tá sé folláin le n-ithe / Bheadh dúil agam is 'chuile shórt a gheobhainn. Sin é an bealach atá liomsa / Mara bhfuil dúil agad ann fág do dhiaidh é]/ Tá sé caillte le dúil ins an tae. / Tá a dhá shúil ag dul amach thar a cheann le dúil ins an ól / Bhí a shúile ag snámh in a cheann le dúil i dtobac /[Bhí mo chuid fiacal ag déanamh uisce le dúil ins a bpíopa ach dhá dtuiteadh déidín agam dheamhan thioman -ta gail a thiubhradh sé dhom / Mharbhuigh sé é féin le dúil ins an ól / [Bhí sé ina chíor-thuaithbhill le dúil ins an tobac, agus gan aon-ghoir aige

a fháil. Sin é an gléas air! Fanadh sé as an bpríosún aríst]/ Ní raibh de dhúil agam ann ach an oiread agus a bheadh agam ins an draoib sin amuigh / Ní raibh de dhúil aice ins na fataí a thug mé di ach an oiread agus dá dtairginn clocha len ithe di /[Dá laghad dá raibh mo dhúil ins an tae, d'ól mé in a dheidh sin é / Dhá mhéid dúil dá raibh aige insan bpíopa, bhí sé indon eirghe as 'chuile Charghas dhár eirigh air]/ Thug siad ruainne ceaille dhom, ach ní bhfuair mé leath mo sháith dhe. 'Sé a ndearna an méid a fuair mé mo dhúil a ghéarú ann. Caithfidh muid féin greim dhe a dhéanamh lá eicínt. Tá sé an-bhlasta / Maidir leis an bpoitín is fada mo dhúil-se imthighthe as / Níor eirigh liom dhe ach cuid an bheagáin, ach an méid sin féin choisc sé mo dhúil ann. Ní raibh a dhath tnutháin agam leis uaidh sin amach / An bhfuil dúil tae ort? /[Is geall le fear é a mbeadh dúil pórtair air agus an leiciméaracht atá air timcheall na gcoirnéil]/ Bhain sé an dúil asam faoi láthair = fuair mé an oiread dhe nó chonnaic mé ar chaoi eicínt é le nachar fhan aon-dúil agam ann /[Thug sí braon tae dhom agus bhain sé an dúil asam go ceann tamaill eile / An roisín sin a d'ith mé scaithín ó shoin, bhain sé an dúil asam go bhfeicidh tú an trathnóna. B'fhearr do dhuine a bhéilí a chaitheamh go breagh ceart, ná a bheith ag ithe leidhcí mar sin 'chuile phuínte. Líonann siad do ghoile, ach mar sin fhéin ní bhíonn duine sáthach aca]/ Chonnaic mé oíche í ag réidhteach feola agus chuir sí úais orm. Tá a fhios ag mo chroidhe gur bhain sí dúil feola asam go ceann i bhfad ina dhiaidh sin, agus dheamhan a bhfuil éiseallach dhíom / 'Sé'n scéal é, d'ól mé an oiread an oíche sin dó (: dhe) agus go raibh mé torrthach aige. [Ní raibh mé ar mo chóir féin dhá bharr aríst go ceann seachtaine. Mhionnuigh mé agus mhóidigh mé nach mbeadh mo phlé leis go h-éag aríst. Bhain an iarraidh sin an dúil asam go bhfeicidh mé seal / Ní bheadh aon-mhaith aige ann go bhfaghadh sé an píopa. Fuair sé faoi dheireadh agus faoi dheoidh é le 'chuile sháruigheacht. Chuaidh sé ar a chaitheamh nó gur chuir sé urlacan air féin leis. B'éigin a thabhairt abhaile. Bhíodh fonn múisc' air le 'chuile choisméig (: coiscéim). Cuireadh a chodladh é. Uaidh sin amach níor éiligh sé an píopa. Ghlac sé an ghráin air. Chuir sin de'n tobac é. Bhain sé an dúil as go ndeacha sé i dtalamh / Bhí mé thuas ann lá ar cuairt agus bhí ciseog fhataí ann agus iasc. Fataí gáireacha. 'Siad an scoth atá aige. Bhí an teach fúinn féin ag an mbeirt againn agus shuidheamar síos i miainis (: i bhfiadhnas) na ciseoige, nó gur ith muid

gliúrach dhíob (: gleorach). Shín muid muid féin ar an teallach annsin gur chodail muid spuaic. Níor leag mé béal ar aon-fhata aríst go ceann míosa. Ghránuigh mé orra. Bhain siad an dúil asam in éindigh]/ Má itheann tú riar de 'chuile lá, tiocfaidh dúil agad ann i leabaidh a chéile / Sin é an chaoi a bhfuil an t-ól. An uair a bhlaiseas tú dhó i dtosach is lughar leat é ná fuath-fíonnaigh, ach teagann tú isteach air i leabaidh a chéile. Teagann dúil agad ann / Má bhíonn tú ag súimínteacht leis an bpíopa mar sin, is gearr go dteagaidh dúil agad ann. [An uair a thosuigh mise dhá chaitheamh i dtosach, shíl mé nach dtiocfadh aon-dúil agam ann go deo, ach ba ghearr nach raibh déanamh ar bith dhá fhuireasbhaidh agam — ba ghearr sin / Is rud iad na "fags" ar nós 'chuile ealadhain ó a thiocfas do dhúil ionnta, go gcaithfidh tú a bhfáil dhá mbeadh do chailleadh go deo leis. Cé'n bhrigh ach a dhaoireacht agus atá siad. Agus níl fear na "bhfags" indon aon-cheart a bhaint de'n tobac. Dheamhan é muis / Ó a tháinig dúil aige ins an ól, is beag a bhíos de bhrabach air. Chuir sé taobh le dhá scilling muid as luach na "crib" mhóna Dé Sathairn seo 'bh thart (: ghabh thart). Dheamhan sásamh ná séanadh a bhí le fáil uaidh faoi / Tá dúil ag teacht agam ins an "gcoffee" anois bíodh a fhios agad. An chéad-uair ar ól mé é, shíl mé go dtiocfadh tonn-taoscach orm, ach anois feicthear dhom nach bhfuil daor-bhasctha chor ar bith dhe. Ólaim dhá cheann de ló scaithtí é / Dá dteagadh dúil ag duine ins an bpíopa aon-uair amháin, ní dhéanfadh na "fags" sin maith ar bith dhó. Corr-uair má bhímse d'fhuireasbhaidh tobac, tugann siad ceann aca dhom. Bhainfinn mo ghaisneas as, ach mo chreach mhaidne 'sé'n an tsrathar in áit na diallaide é. B'fhearr liom aon-ghail amháin de'n phíopa ná a bhfuil faoi thalamh an domhain aca / Bhí mé ag breathnú orra in éadan an tsleamhcáin, agus leis an gceart a dhéanamh, bhí siad ag tiomaint cuid dhó orm, ach níor ghlac mé uatha é. Níor tháinig mo dhúil ariamh ann nó go raibh a dheire ithte. Sin é an uair a bhí an caitheamh in a dhiaidh agam / Tá siad ag cur dúil' ins an gcárnán airgid sin agamsa. Dá mbeidís-sean cho meabhrach len a gcuid cártaí agus atá mise agus mo pháirtidhe, is aca-san a bheadh an cárnán agus ní againne / Déarfainn agus an stiúir a bhí uirre ag breathnú anoir thar an gclaidhe go bhfuil sí ag cur dúil' ins an ngarrdha atá coisnighthe. Má fhaghann sí a bhlas aon-uair amháin, ní choinneochaidh do chumhachta cinn as í. Nach h-í an

strachaille de bhó í nach sásuigheann áit ar bith í, ach an fad méire de gharrdha sin atá l'aghaidh féir / Níor fhága sé aon-fhód ar phortaigh anuraidh nar ghoid sé. Facthas dom leis an tsúil a thug sé ar an gcruaich se'againne (: cruach mhóna) agus an chaidéis a fuair di an lá cheana, go bhfuil sé ag cur dúil' innti imbliana. /[Níl duine ar bith ag cur dúil' in a cuid talmhana ach an chuid eile di féin — na L. Tá díocas orra sin ag imeacht ag lorg talmhana. Nach sílfeá go mb'fhearr di aca é ná é a bheith ag dul i léig annsiúd cheal a shaothruighthe]/ Ná bí ag fágáil do chuid "cigarettes" annsin ar sliobarna go mbeidh daoine ag cur dúil ionnta. [Nach bhfuil a fhios agad cé'n sórt saoghal atá ann, agus nach bhfuightheá cigarette annsin thoir indiu dá naomhtaí thú. Daoine atá scrútaighthe dhá bhfuireasbhaidh is beag an scruball a bhéas aca méir a leagan ar do chuid-se]/ Ná bí ag samhlú óil liom nó is gearr go dtosuighidh mé ag cur dúil' ann. [Chonnaic mé sé leath-bhairille nuadh glan dhá gcur isteach ins an teach seo thoir anocht. Is cosamhail go bhfuil an-fhuadach air]/ Má chuireann sí a dúil uair amháin ins an mbaile seo, ní fhéadfar a choinneál as. [Ní fhaca mé aon-bhean aniar amach ariamh ó leagfadh sí a cairthín chor ar bith ar chathaoir istigh ins an tír, nach bhfanfadh sí ann.]/

"Lá breagh dá ndeacha an cúiplín amach ins an ngáirdín.
Bláth na séilíní cumhartha, bláth na n-ubhall agus na n-áirní
Chuir an Mhaighdean dúil ann agus thnúth sí leis go láithreach" [as amhrán diadha faoi Mhuire Mháthair agus an Naomh Joseph]

Bhí dúil Mhichael bainte asta shul ar imigh sé (: as na tuitíní) / Ná bí ag coinneál an phoitín seaduighthe. Nach bhfuil a fhios agad go bhfuil mo dhúil bainte as ó a bhí na misinéaraí againn. Níor bhlais mé de sdriog ó shoin / Ná bac le cigarettes a dhuine sin. Tá mé ag troisceadh anois cho fada, agus go bhfuil mo dhúil bainte asta. Chinn orm aon-cheann a fháil ó mhaidin indé, i mbealach ná i ndearmad. Fhobair go leagfainn an teach indé, ach an ghearradh-ghíonnach a airighim in mo phutógaí indiu.]/ Má b'éigin duit déanamh d'fhuireasbhaidh tobac an fhad sin, is íongantas nach raibh do dhúil bainte as ar fad. [Is uathbhásach an t-achar trí seachtainí déag]/ Is beag a bhainfeadh mo dhúil as an ól th'éis an méid sin. [Bean a chonnaic mé idteach ósta imBaile Átha Cliath, agus í ar dearg-mheisce. B'éigin do bheirt fhear a h-iomchur eatorra

amach go dtí carr. Ní thiubharfainn sunntas ar bith di, dhá mbadh sean-chailleach í, ach mo léan níorbh eadh ach rúisc de bhean óg — plandóg de bhean!]/ Dhá bhfeicinn-se feoil a bheadh an-gheal, chuir-fheadh sí col orm. Badh é mo dhóthain é le mo dhúil a bhaint as feoil go bhfeicinn suim aimsire aríst. [Chaith mé dhá bhliain cheana gan oiread agus a dhath feola a chuir ar mo bhéal, in áit a bhfaca mé muicfheoil ag an teach uair …]/ Má tá indán agus gur cuireadh fuath-fíonnaigh ar an bpórtar dóibh, bainfidh sin a ndúil as go ceann tamaill. Is géar a theastuigh an phasóid sin uatha: ['chuile oíche ins an aer ag imeacht ag ól agus ag ragairne, agus gan breathnú siar ar a mná ná ar a bpáistí ins an mbaile]/ Go gcuiridh Dia an t-ádh ort. É siúd éiseallach. Dhá dteagadh bean an tincéara bhuidhe sin a bhí thart an lá cheana agus breac caillte a ghléas dó, d'íosfadh sé é cho súighte agus dá mbeadh sé ar fóghnamh. Ní bhainfeá a dhúil siúd as an iasc gan ruainne beag de nimh na luchan a chur air. Dhá dteagadh sé uaidh an uair sin, b'fhéidir go gcuirfeadh sin cúl beag air / Chuala mé S. ag rádh go raibh sórt drug eicínt i Meriocá agus dhá gcaithteá aon-uair amháin í narbh fhéidir do dhúil a bhaint aiste. [Droch-earradh í. Dhá mhéad dá bhféachtaí le do dhúil a bhaint aisti, 'sé'n an chaoi a mbeadh fearr agus barr dúil' ag teacht agad innte. Dhíoltaí ingan-fhios í … Bail ó Dhia ort féin agus ar do chuid poitín! Ní ghreamócha poitín d'aonduine nach hé a chionn-tsiocair féin é]/

Tá an-dúil aige ins an ól / Tá an dubh-dhúil (fíor-dhúil, an dúil chráidhte, dúil críochnuighthe, dúil dháiríre, dúil nimhe-neannta, dúil uath-bhásach, dúil mhillteach, dearg-dhúil, dúil thar cíonn, dúil chascartha agus rl.) aige ins an tobac. / Tá, an dúil dhona, a mh'anam — dúil ins an ól: an dúil is measa a bhí ag aon-fhear ariamh in aon-rud. / Sin í an dúil mar siúd atá aige sin ins an ól. Cé'n uair a thaobhuigheann sé teach ósta? Uair nó dhó faoi'n Nodlaig. Is beag de ghailimaisidheacht a mhná a bheith ag caint mar sin: mar dhóigh de gur fear caithmheach é. Tá baoghal air! / Cé uaidh a dtug sé an dúil chráidhte atá aige ins an magadh. 'Ar ndú' ní raibh smid ná smeaid ag a athair. Chaithfeadh sé oíche airneáin ar do theallach gan a bhéal a oscal. Agus maidir leis an máthair, bhí sí an-tsoineannta freisin / An ceann eile atá againn tá dúil nimhe-neánnta aige ins an léightheoireacht. Ní theagann iabh air an

an fhad agus a bhíos sé ag ithe a bhéilí féin ach a cheann sáithte ibpáipéar nó i leabhar aige. Agus déanann sé clogán-streille de'n oíche ag léigheamh ar an teallach / Tá an dúil chráidhte aige ins an iascach. Fear ar bith a fhágfás amach a ghort agus arbhar ag tuitim dá cheann, agus a bhuailfeas síos ag iascach, ná bac leis. [Cuir ins an ngearradh dhíob é. Cé'n bhrigh dhá mbeadh ceo ar bith aige dhá bharr. Ach dheamhan cion béilí maith éisc marbh aige ó a tháinic an bhliain.]/ Marach go raibh dúil thar cíonn aige ins an bpionta é féin, diabhal baoghal a bheadh air a dhul ag caitheam an méid sin fiuntais leat. [Sin é an cneagaire is mó ar a dhá chois. Ní fhéadfadh mórán a rádh go bhfaca siad aon-cheo dhá chuid gnaoidheamhlacht'] / Chuaidh ag an dúil ar an daoitheamhlacht air má tá indán agus go ndeacha sé isteach go dtí cúntar teach ósta. 'Sé an chéad uair aige é déarfainn / A Dia dhá thárrtháil! D'ól sé gloine phoitín. Is gearr ó nach raibh dúil duth ná dath aige ann má b'fhíor dhó féin. [Ach 'siad an dream sin a bhíos dhá cheilt, is measa a bhíos in a mbruighshléacht an uair a thosuigheas siad.]/ Tá an dubh-dhúil aige ins an ól ach níl dúil beag ná mór aige ins an tobac. Sin é a mhaith. Ní bheadh aon-aithne óil choidhchin ar an té nach mbíonn ag caitheamh. 'Sé an t-ól agus an tobac idteannta a chéile a fhágas duine ar meisce. /

"Níl mo dhúil leat indiu ná amáireach.
A mhuirnín dílis mo chúig chéad slán leat" [Amhrán — "Domhnall Óg"]
níl a dhúil leis = níl 'sé ag súil leis; níl sé ag tnuthán leis. [athruigheann "súil" agus "dúil" i ráidhtí mar seo, ach is minicí "súil" ná "dúil" ionnta go mór fada. Ní bhíonn ach súil ins an ainm-bhriathar le ag. Thiocfadh do "dhúil" a bheith ann uair annamh b'fhéidir, ach má bhíonn níor bhrath mé é]. Ná bíodh do dhúil liom. Ní bhfuighidh tú tada uaim / Má's léithe siúd atá a dhúil, tá faitíos orm gur mór an mearbhall atá ar mo dhuine bocht. Ní scarfaidh sí siúd le cianóig ruaidh go mbeidh sí in athchur an anama, [agus m'anam gurb iomdha bliain é sin fós, mara bhfuil sí féin agus a cosamhlacht in aghaidh a chéile. Is duine críonna a bheadh indon a rádh céard a dhéanfas sí siúd fós len a cuid airgid.]/ Má'sin é an rud anois a bhfuil a ndúil leis, tá faitíos orm go mbeidh siad in anchaoi. Dheamhan cloch a cuirfear ins an mbóthar sin an fhad agus a bhéas an saoghal ar suidheachan,.

agus ar aon-chor ní fabhar atá ag S. Mh. le tada a fháil d'aonduine / Níl a dhath maitheasa dhuinn a' (: ar) ndúil a bheith le Meiriocá an Nodlaig seo. [Tá Meiriocá réidh. Níl sciúrtóig ag teacht anois as]/ Bheadh a ndúil leis dá mbeadh maith dóib ann, ach níl. [Dheamhan breac a íosfas siad len a marthainn (dh)íob gan dochar gan díoghbhail duinne. Ba dona iad féin faoi 'n rud a bheadh aca.]/ Is dúil gan fáil í sin aige muis. Má tá sé ag súil go dtiubharfaidh mise ól dó, 'sí súil Uí Dhubhda le Árd na Ríogh aige í. Ró-dhíthcéillidhe a fuair sé sin daoine ariamh, ag déanamh a chuid oibre dhó, agus ag cur a mbeadh aca len' ól air / Má tá dúil agad i dtobac is dúil gan fáil í. Níl ionga tobac ag gabhail liom. [Ag imeacht ag iarratas atá mé féin]/ Is deas í do dhúil muis — dúil i dtae. Indomhnach, tá faitíos orm gur dúil gan fáil agad í, mara bhfuil tú féin indon aon-tsoláthar a dhéanamh. [Dheamhan gráinne tae a gheobhthá annseo anois dhá mbeitheá in do ridire. Cion cupán amháin ins an tseachtain: sin é an méid]/ Dúil gan fághail muis dúil ins na "cigarettes", annseo. Dhá mbeadh cruadhóg ola ort dhá bhfuireasbhaidh, dheamhan tiomanta ceann a gheobhthá, na cuid de cheann. [Is minic a bhí mo theanga amuigh ag imeacht ag forcabhás annsin thiar ins an mbaile caillte sin, agus gan tada agam ar a shon]/

An dúil atá agaibh na daoine a ghortú = rún; fonn, brath / Shílfeá gur dúil atá aca seo eirghe i mullach na ndaoine. Má tá 'u' (: bhur) leas ar Dhia anois eirigidh as, nó fágfaidh mise céir oraibh — a shneádhacháin bhradacha / An uair a d'iarr mé mo chuid airgid air, is mó an dúil a bhí aige a dhul do mo lascadh. [Dheamhan saoradh ná séanadh a thiubharfadh sé dhom faoi. D'fhuagair mise an póilí air, ach mo chreach-mhaidne mo phóilí!]/ Shílfeá gur dúil atá aca suidhe in do bhun ceart. Breagh nach n-eirigheann tú i bputógaí duine aca agus chomhairleochadh sin an chuid eile leigint duit. [Mara ndéanaidh tú rud eicínt, déanfaidh siad dóigh dhuit]/ 'Ar ndú, ní dúil a bheadh aige an sconnán de mhac siúd a chur 'un coláiste aríst. Cá'id ins an mbaile é siúd? Dheamhan rath a dhéanfas sé len a loiseag. Tá a chuid ratha ar iarraidh. Is fadó a bhí aige a bheith ina mháistir scoile nó in a shagart, nó in a sheilbhéara nó in a chrochadóir féin … / Ní féidir gur dúil atá aice an boithrín a dhúnadh. 'Séard is fhearr a dhéanamh a dhul roímpe in am. [Mara dteightear déanfaidh sí ciseach de na daoine. Bhí casán annsin ariamh ins an saoghal]/

doscúdhach: aidiacht (ní theagann claochlódh tuisil air)
doscúdhadh: mí-chomhairleach, gan a bheith gabhthach le comhairle; gan glacadh le comhairle; bainte-amach; tugtha do dhul indiaidh do chinn romhat i gcúrsaí an tsaoghail; sonnda; teann; indon do cheart a bhaint amach; gan a bheith cuthal ná náireach; triollúsach; olc; príbhléiseach; géar; dian.
[Duine doscúdhach = is beag nach "hard man" nó "hard knut" i mBéarla é]

Duine doscudhach é sin. Ní féidir comhairle a chur air. Is cuma leis é ach a dhul i ndiaidh a mhullaigh i rud ar bith a chasfas leis / Ní raibh aon-duine ins an teach sin nach raibh doscudhach. Diabhal duine muis. 'Chuile chruinniú, chuile eirghe-amach, 'chuile achrann, ní bheadh sé ann dhá bhfuireasbhaidh. Shílfeá gur leig siad fútha roint le goirid, agus nach bhfuil siad cho tucarach do'n tsiúbhlóid agus a bhídís. Theastuigh sin uatha / M'anam má bhí tú annsin gur casadh thú imeasc daoine doscudhacha. Níl fear ar an bhfeadhain aca sin, nar chaith tamall le ceird aisteach eicínt. [Bhí Pádraig ins an ngunna mór. Bíonn S. i gcomhnuí ag cuir caoi ar an uair a bhí sé féin in éindigh le "hobos" Mheiriocá. Chaith an ceann óg tamall eicínt ins na báid aeir i Sasana. Deir sé féin go raibh sé as cionn na Gearmáine. Chreidfinn é freisin. Tá sé sáthach bainte amach l'aghaidh rud ar bith]/ Ní leigfeadh an faitíos dom a dhul síos ann. Shíl mé go n-ionnsóchadh an baile frén a chéile mé. Chuaidh mé isteach ins an teach ósta agus mé loicthe. Ba ghearr go dtáinig forránach mór fiadháin go dtí mé: Fear doscudhach i gcosamhlacht. Bhí colm ar a leiceann as sin go dtí sin anois. Chuaidh muid 'un cainte le chéile. Le 'chuile údragáil d'innis mé m'anshógh dhó. "Ól é sin anois" adeir sé, "agus ólfaidh muid dhá ghloine fuisce an duine, agus annsin siubhal-faidh muid síos ann de réir a' (: ar) gcoise. Bhí mise ins an mBowery i New York, agus dar dia ní bhainfidh aon-fhear annseo liom, ná leis an té a bhéas in mo bhuil … " / Má tá tusa ag iarraidh fear doscudh -ach a fheiceál, cuir eolus ar an dream sin a bhíos ag tiomáilt (: tiomáint) "mótars". Sin iad an dream atá doscúdhach. [D'eireochadh dhóibh 'ar ndú'. Castar is chuile áit iad sin agus bíonn aithne aca ar 'chuile chineál duine, agus ní bhíonn ag a leath ach saoghal an ghirrfhiadha. Sin iad a d'innseochadh dhuit faoi'n saoghal …]/ Bhí an fear is sine a bhí annsin an-doscúdhach. Bhí sé amhlaidh in a ghasúr féin. An bhfuil a fhios agad

céard a rinne sé agus é ina stócach ag dul chuig an scoil? Bhí an cogadh ar siubhal an uair sin agus dream ag dul thart ag liostáil daoine. Diabhal easna dó nar liostáil agus b'éigin don athair agus do'n mháthair a dhul isteach agus é a cheannacht as aríst. Ara rinne sé sin an oiread rudaí … / Ab é S. Sh.! Tá sé cho doscudhach indiu th'éis go bhfuil sé aois an phinsean agus a bhí sé an lá sin. [Ar chuala tú faoi'n uair ar imigh sé in éindigh le bean an damhsa de Rástaí Bhaile Uí Bhriota. D'imigh mo choinsias. Bean a bhíodh ag damhsa ar chláirín. Chuaidh sé cho fada le Béal Átha na Sluaighthe in éinfheacht léithe. Tugadh faoi thar cionn annsin é. Tá colm i mbun na gruaige air fós dhá bharr …]/ Bíonn sé ag imeacht in a dhuine dhoscudhach ag bainseachaí, agus ag céilidheachaí má's fíor dó féin. Ach níl sé leath cho doscúdhach agus atá a leigean amach. ['Siad na scéalta a chloiseas sé sin ag daoine eile a bhíos aige féin: go ndearna sé féin iad mar dhóigh dhe]/ 'Chuile fhear aca sin dhá'r chaith seal i Sasana tá siad sáthach doscudhach. Siúd é an áit nar mhór duit a bheith doscúdhach deirimse leat. An té nach raibh indon imeacht agus a cheart a sheasamh, bhí sé ar deire. Daoine triollúsacha a dhéanfadh gnaithí annsiúd. [Bhí mé ag caint le P. S. Dubhairt sé liom go ndéanfadh sé chuile shórt: bualadh rubáil agus eile. Níor dhubhairt sé leisce na bréige go marbhóchadh sé duine, ach ní bheadh claonadh ar bith uaidh aige, déarfainn. Tá sé le dhá bhliain ag imeacht ar a the(icheadh) ar fud Shasana le faitíos go gcuir -fí amach ins an gcogadh é. Thiubharfá fear doscúdhach ceart air sin]/ Mac doscudhach ceart é. Bhí a raibh de thinncéaraí ó Bhreatain thoir annsin thoir oíche, agus iad ag lascadh a chéile. Ní raibh dorus ins an mbaile nach raibh glásáilte. Bhí sé ag cínnt ar na póilíos a gcoinneál tóigthe. Dar fiadh shiubhail seisean amach in a gceartlár, agus ní le dhul ag déanamh eadarascáin é ach an oiread, ach le dhul ag bualadh é féin /[Deir siad gur fear doscúdhach a bhí annsin aimsir na mBlack & Tans. Bhí sé ar a chaomhamhaint agus aithne mhaith aca air, agus oíche amháin in a dheidh sin, bhuail sé isteach i dteach ósta a raibh scaoth aca ag ól ann. D'fhan sé istigh i seoimrín beag ar cúlráid, agus bhí sé ins an áirdeall orra, nó go raibh a dtrúmlach (: tromlach) scaipthe, agus nach raibh fanta ach beirt nó triúr a bhí ar a mbog-mheisce. Shiubhail sé amach annsin de mhaol a mhainge agus bhain sé na gunnaí díobh; agus bhuail sé dual na druinne orra. Dhá mbeirtí air, bhí a chnaipe déanta]/ Tá tusa ag rádh go bhfuil tú féin doscúdhach. Tá

tú buille doscúdhach freisin. Ach bhí mise ag caint le sagart a bhí thart annsin ins an samhradh. Bhí sé ag cur caoi dhom ar a shaoghal fhéin shul 'á ndeacha sé ina shagart. Bhí sé ins an gCogadh Mór agus amuigh ins an mbriseadh. Th'éis an chogaidh bhí sé ag obair i gcineál eicínt teach lóistín i Sasana agus ní bheadh a fhios agad cé'n puínte a mbainfí an bhaithis asad ann. [Bhí 'chuile chineál duine dhá dhonacht ag tarraint ann: "murdaróirí", gaduidhthe agus mar sin.] D'fhan sé ann in a dheidh sin. Nar dhoscudhach an mac é sin. Agus tá sé in a shagart anois, agus ina thogha sagairt, cheapfainn / Is doscudhach an áit é sin len a dhul isteach ann. Ní bheadh a fhios agad cé'n nóiméad a dtosóchadh achrann agus a mbuailfí isteach ar chlár na baithise thú. [An té a thiocfas isteach ag ól annsiúd, bíodh sé ar a shon féin]/ Tá an bhean óg sin cho doscudhach le aon-fhear indo thír. Dhá gcloistheá í sin ag cur síos ar a ndearna sí i Sasana, chuirfeadh sí gruaig do chinn in a seasamh. [D'innis sí thíos gan cás gan náire an oíche cheana, faoi'n gcaoi ar bhuail sí féin agus bean eile aniar, saighdiúr Merioc-ánach a bhí ag iarraidh a dhul in éindigh leo gan bhuidheachas. Ach ní tada é sin le h-ais ar innis sí …]/ Siúd é an diabhal doscúdhach. Bhí sé chomh maith dhuit a dhul ag cur chomhairle ar chloich le dhul i gcleitheamhnas comhairle a chur air siúd. Faghann sé na h-iarrantaí, ach ní mian leis gan a dhul i mbealach a bhasctha in a dheidh sin. Má sháruigheann sé é cupla bliain eile, ní bheidh aon-fhear faoi'n mbogha bán in don imeartas air, agus féadfaidh sé a dhul ina rogha áit. / Ná bí doscudhach le na putaigh a mháistir. Is dona an rud a bheith ro-dhoschudach leo. Glacfaidh siad gráin ar an scoil uilig … Níl mé dhá shamhailt leat a dhuine chroidhe. Dar a shon go n-abróchainnse go raibh tú droch-mhúinte, ach bíonn na putaigh ag banrán in a dheidh sin / Bhí an t-athair an-doscudhach leis an gclann. Ní raibh goir aca fanacht amuigh ó'n bpáidrín nach mbeadh bolta ar an dorus rompa aige. [Ruaigfeadh sé amach ag obair iad an lá is deannachtaighe a shéidfeadh as aer. Bhí a shliocht air: d'fhága siad annsin é. Ní fhanfadh an deoruidhe féin aca ina bhuil]/ Ins an am sin bhíodh na "bossanna" an-doscudhach le na fir oibre, ach d'imigh an saoghal sin. Is beag an baoghal go bhfeicfidh tú "boss" ag maoidheachtáil ná ag fuagairt ar lucht na h-oibre anois. Is maith an scéal nach bhféadann siad. B'olc an t-eallach iad an uair a bhí an "power" aca. / 'Sé J. a bhí doscudhach leis an té a bheadh ina

in a bhuachaill aige. Amach le hóró lae ins an samhradh agus leis an réalt ins an ngeimhreadh. [Agus dá seasfá ná dhá suidhtheá chor ar bith, leigfeadh sé uaill ort a thóigfeadh de chothrom talmhana thú.]/ Meireach cho doscudhach agus atá sé leis an mbean, is iomda duine a mbeadh gnaoi aige air, ach bíodh a fhios agad gur mór atá in a aghaidh faoi sin. Bhí meas ag 'chuile dhuine ar an mbean. Bhí sí soilgheasach carthannach, spraoidheamhail. Ach maidir leis féin : pugarlach bradach! / An té a bhéas doscudhach mar sin le na dhuine féin agus fáilidhe le daoine eile, ná bac leis. ['Sé do dhuine féin é do dhuine féin. Ma bhíonn cruadhóg ná anshógh ort, cé a thóigfeas láimh leat ach do dhuine féin. Ní i gcleitheamhnas stráinséara a bheitheá ag dul]/ Tá an sagart sin sáthach doscudhach le 'chuile duine ach leis an té atá ag tabhairt síneadh láimhe dhó go h-acht agus go h-áirid. [Mo léan géar tá saint ins an airgead aige mar atá aca ar fad. Iad sin siar a bhíos ag caitheamh aige 'chuile lá ins an tseachtain cuirfidh mé mo rogha geall leat go bhféadfaidh siad damhsaí a bheith aca chuile uair a thogróchas siad é, agus nach mbacfar iad. Má bactar ní póilidhe ná sagart a dhéanfas é]/ Má tá sé cho doscudhach agus nach nglacfaidh sé comhairle athar ná máthair, bíodh aige adéarfainnse. Fág faoi'n saoghal le comhairleachan é. 'Sé atá indon. Má saoltar é (: saoghluightear) feicfidh tú féin air gur maith críonna an mac a bhéas fós ann — gur maith sin / D'fheicfeá ag imeacht is chuile chruinneál cho doscudhach é, agus dair leat féin gur fonn a bheadh air 'chuile dhuine a ionnsuighe. [Ach tugann sé a bheanna leis as 'chuile áit mar sin féin. Ní bheadh fhios ag duine agus an comhluadar a bhfuil sé taithighthe ann — aidhbheirseoirí críochnuighthe — tuige nach bhfaghann sé iarraidh mharbhthach, ach indomhnach tá sé indon a bheart a tharraingt dá mbuidheachas]/

Comhairle an duine doscúdhach = comhairle duine a chonnaic an saoghal agus cúrsaí agus cora an tsaoghail, agus atá indon duine eile a chur ar an eolus fútha. "Ní bheidh aon-chomhairle mhaith dhó féin aige, ach cuirfidh sé comhairle mhaith ar dhaoine eile" (ó m'athair). / Comhairle duine doscudhach an chomhairle is fhearr ar bith = sean-fhocal; an chomhairle a thugas giolla na céille ceannuighthe uaidh, níl aon-chinneamhaint uirre; an té a chuaidh thríd an rud agus ar h-imrigheadh air b'fhéidir, 'sé is fearr a chomhairleochadh daoine faoi fhanacht

uatha / Má tá ciall agad anois tóigfidh tú comhairle uaimse agus ní bheidh aon-phlé agad leo sin. [Bhí mise mé féin ionnta agus chonnaic mé a gceird. Comhairle duine doscúdhach a mhic ó mo chroidhe an chomhairle is fhearr ar bith]/ Ní ghlacfadh sé mo chomhairle-sa. "Comhairle an duine doscudhach an chomhairle is fhearr le fáil" adeir siad. B'fhearr leis éisteacht le grabairí nach raibh rith circe ó bhaile ariamh. Bhí a shliocht air. H-Imrigheadh air. Dithcéille 'ar ndú' a bhain an mhéir de Mhurrchadha / Comhairle duine doscúdhach a thug mise dhuit; agus tá sé ráidhte nach bhfuil comhairle ar bith a chinnfeadh uirre. [Bhí mise scathamh mar atá tusa anois, ag imeacht ar rothaí an tsaoghail agus ag caitheamh a mbeadh agam. Chuile dhuine mór liom agus ag brughadh orm agus ag dul siar in mo bhéal, a fhad agus a bhí rud agam. Ach ar an dá luath agus a bhfaca siad ag tabhairt uaim chor ar bith mé, d'imighidís as mho bhealach do mo sheachaint. Tá a fhios agamsa é a dhearbhráthair mo chroidhe. Fuair mé le léigheamh é, ní ag ceasacht ar Dhia é]/ Sí a mh'anam — comhairle an duine doscúdhach — bhí sí molta ariamh. Chonnaic tusa an saoghal bail ó Dhia ort, agus is mór a bhfuil tú indon cur síos air. Ná bac linne. Níl eolus tada againne: dream nar fhága an ruta tíre seo amach ariamh, céard a bhéarfadh eolus aca / Is aisteach an rud é an duine doscudhach. Tá sé indon deagh-chomhairle a chur ar an té a ghéilleas dó, agus gan comhairle ar bith aige dhó féin. [Comhairle an duine doscúdhach ar chuala tú ariamh é. Bhí sé annsin thiar — M. T. An sagart féin ní chuirfeadh comhairle a leasa ar dhuine cho maith leis, agus in a dheidh sin féin, ní raibh fear ar bith le fáil, ba mhíádhásaighe ná é. Chaith sé a shaoghal ar fad le dreabhlás agus le díthcéille]/ Glac comhairle ó dhuine dhoscudhach a mhic ó, agus teirigh agus pós í. Tuigimse go maith do chúrsaí. [Níl tú luighteannach leis an mbean. Bhí mise ar an gcóir chéadna. D'iarr m'athair — go ndéanaidh dia grásta air! — mé a chur isteach annsin thiar tigh Sh. Ch. Spréach mé go ndéanfaí a shamhailt liom. Bhí láimh agus focal idir mé féin agus bean eile. Leath-bhliain ó'n lá sin bhí an bhean sin pósta, agus mise gan Murrchadha gan Maghnus. Seachain thusa a n-eireochadh an rud céadna dhuit.] Ar chuala tú ariamh é.

"Bíonn cuid de na mná agus an grádh aca ar bharrú (: barradha) a méar
Tá a n-intinn agus a n-áigne le fáil ag fearaibh an tsaeghail."

Ná h-imrighidís ort-sa cho maith le duine / Is beag an ghéilleadh a bhí

a bhí agamsa do Sh. Ó. Ch, th'éis gurb aige a bhí comhairle an duine doscudhach. [Chuaidh sé go bog agus go cruadh orm ag iarraidh cur faoi deara dhom gan a dhul i bpáirt le m'uncail, nó dhá dteighinn go mbeadh aithmhéala orm. Agus m'anam go mb'fhíor dhó. Bhí na seacht n-aithne aige sin air. Nar chaith sé féin tamall i gcomhar leis, ach bhrath sé é féin in am]/ Má tá baramhaintí do leasa fút glacfaidh tú comhairle ó dhuine dhoscúdhach, agus eireochaidh tú as an obair sin, agus tiubharfaidh tú aire do do ghiodáin -ín talmhana. Ní hí comhairle t'aimhleasa a chuirfinnse chor ar bith ort. [Tá a fhios agad sin. Chaith mé curraintín freisin ag imeacht leis an obair sin, ag foghaint do'n tír má b'fhíor dom féin, ach is beag áird a bhí ag an tír orm an uair a bhí mé i ngéar-chall. Meastú ar chúitig an tír mo chaillteamas liom. Chúitigh muis! Ní chúiteochaidh ná leatsa. Is beag an baoghal uirre. Mar dubhairt mé cheana leat is measa dhuit do ghiodáinín talmhana ná an tír. Dhá laghad é, 'sé a bhfuil de shocar agad é.]/

danra, danardha, danagra: aidiacht

[Fuaim — danra amanntaí, ach dan(d)ra go h-iondamhail. d idir an n agus an r mar a bhíos i "scanra", "conra", "deallra" agus rl. Ní hé an gnáth d leathan é ach d ar chúl na bhfiacal. Féach trácht air in "Urlabhraidheacht" (Ó Máille). Deirtear danra amanntaí fearacht scanra agus rl., ach ní go minic é, ar ghualainn an chinn eile. Danagra fuaim an Achréidh go h-iondamhail — danardha > danarga (rd = rg. Achréidh go fóirleathan); danarga > danagra.]

Danra = cotarsna "so-ghluaiste"; daingean; deacair; docht; do-chomhairleach; dóroinn -each; crosta; aimhréidhteach; doiligh a fháil leat ar sheol na braiche; cruadh, láidir.

"A chomhairle féin do mhac dhanra agus ní bhfuair sé ariamh níos measa" (: sean-fhocal. Deirtear fuaim a theigheas an-mhór i gcosamhlacht le "Anna" ins an bhfocal seo go minic, ach tá an leagan ceart ag cuid mhaith daoine is 'chuile cheanntar fós. Deirtear freisin é gan an d lárnach ann ins an sean-fhocal seo) = caithfidh an duine do-chomhairleach a bhealach féin a fháil, mar ní gar a dhul ag cur aithne ná fainic air; níl sé gabhthach le comhairle, ach is iondamhail gurb é a aimhleas a ghníos sé /[Ní raibh aon-mhaith leis. Chaithfeadh sé a bhealach féin a bheith aige. A chomhairle fhéin do mhac dhanra agus ní bhfuair sé ariamh níos measa. Tá sé ráidhte ariamh]/ Tabhair cead a comhairle féin di. Maran buil léithe a phósadh bíodh aice. B'fhéidir go bpósfadh sí ar ball é dhá mbeadh breith ar a h-aithmhéala aice. A chomh-airle féin do mhac dhanra agus ní bhfuair sé ariamh níos measa / h-Iarradh air fanacht ins an mbaile. Bhí siad in a suidhe go te, agus 'ar ndú is dó a shroichfeadh a raibh ann. 'Deile, agus é in a bhior in aon-tsúil. Ach ní bheadh aon-tsástuigheacht air go dtugadh sé ruaig go Sasana. Is glas iad na cnuic i bhfad uainn 'ar ndú'. [Duine aerach a bhí ann, agus bhí an-dream a bhí i Sasana dhá shaghdadh. D'imigh leis.] Chaoin a mháthair uisce a cinn ag iarr-aidh a choinneál, ach ba bheag an mhaith dhi é. Dheamhan ar dhubhairt an t-athair drúcht ná báisteach ach "A chomhairle féin do mhac dhanra" adeir sé "agus ní bhfuair sé ariamh níos measa". B'fhíor dhó. Fuair sé fód a bháis i Sasana. Dhá mhí a bhí sé ann an uair a thuit ceann de na rudaí eile sin air — na "bombs" / Ní dhéanfaidh an fear seo thoir aon-bhun muis. Thosuigh sé thar cionn, ach 'ar ndú, ní de'n abhras an chéad snáth mar adeireadh C. Th. Tá sé ro-dhána. Níl neart agad focal a rádh leis, mar ní ghéillfeadh sé duit. A chomhairle féin do mh{ac}

dhanra arsa tusa agus ní bhfuair sé ariamh níos measa. / Chaith muid an bhliain ag athchuinghe air an garrdha thíos a chur. [Bhí sé comhgarach agus so-leasuighthe. Dubhrabhán atá ann agus ní iarrfadh sé ach daithín beag leasuighthe le an-fhataí a thabhairt.] Ach thug sé an chluais bhodhar dhuinn. An garrdha seo thuas i mbarr an bhaile a bhí dhá chur thar bharr a chéille. An-dóigh fataí é, adeireadh sé. Níor chuir an t-aistear suas aon-chúl air, ná an chreafóig chloch bheag a dteastuigheann riar maith uaithe len a leasú. Chuir sé é. Ní raibh ann ach scriocháin (: creacháin). Tabhair scriocháin orra. A chomhairle féin do mhac dhanra arsa tusa agus ní bhfuair sé ariamh níos measa / Mac dan(d)ra é. Ní tada eile é. Deirimse comhairle leat. Siúd é nach bhfuil so-chomhairlighthe / Tá sé an-dan(d)ra le comhairle a chur air = míádhasach, do-chomhairlighthe; bheadh a chomhairle féin aige i gcomhnuí. / Sin é an fear is dan(d)ra a chonnaic mise i gcaitheamh an tsaoghail ariamh. [Bhíomar thíos annsin oíche — mé féin agus S. — agus muid ag ól. Tháinig seisean ann. Gludhadh (: glaodhadh) deoch agus deoch agus deoch eile, nó go raibh an triúr againn sáthach tomhaiste. Bhí sé domhain go leor ins an oíche an tráth sin, agus barr ar an diabhal mara raibh na F. bheaga bhreaca sin ag cur achrainn orainn. Brat aca ann agus gan aghainne ach an triúr againn féin. D'iarr muid míle uair air a theacht abhaile. Bhí muid ag tuinneamh agus ag athchuinge air a thoidheacht linn, ach dheamhan filleadh ná feacadh a d'fhéadfadh muid a bhaint as, ach in a sheasamh annsin chois an chuntair ag buachailleacht a phionta. Ba é an diabhal ba dan(d)ra é a chonnaic mé ó rugadh mé]/ An bhfaca tú aon-fhear ariamh is danra ná é, ar thada a rádh leis. [Bhí mé lá thiar in éindigh leis i gC. Ch. Bhí an oíche ag teacht orainn agus muid i bhfad ó bhaile. Níor tháinig iabh ar a bhéal i gcaitheamh an lae ach ag caint ar a dhul abhaile, nó gur tháinig an tráth len imeacht. Annsin níor fhan smid ar bith aige faoi. An uair a chonnaic mé féin dhá leigean ro-fhada é ins an deireadh, d'iarr mé air a theacht. Spréach sé. Shílfeá gur mó dhá fhonn a bhí air a dhul do mo lascadh féin. Ní raibh goir agam an baile a shamhlú leis, gur tháinic sé dhá thoildeona féin ins an deire.]/ Dream an-tsoilgheasach iad agus an-ghnaoidheamhail. Ach tá siad cho danra leis an tubaiste ar thada a rádh leo. 'Chuile shórt aca ach a dhul i gcleitheamhnas comhairle ar bith a chur orra. Is túisce go mór a ghabhfaidís in do phiobán ná a ghlacfaidís comhairle ar bith uait. Droch-bhodaigh iad ar an gcaoi sin. / Ná bac le dan(d)ra a mhic ó. Tá sé cho dan(d)ra le múille. D'iarr siad air anuiridh a dhul agus teach nua a dhéanamh ar thalamh C. E. — is leis-sean é. Níor

labhair sé aon-smid leo aríst go bhfaca siad mí. Taca na Nodlag, bhuail sé féin suas ann gan iarraidh gan athchuinge agus bhí leath an bhalla déanta aige agus gan fios ag aonduine air / Mara gcaithidh sé in a cheann a dhul ann é, féin tá sé fánach agad a dhul dhá iarraidh air. Is dan(d)ra é ná an míádh féin len a iarraidh in áit ar bith. [Ní chorróchaidh sé cois nó go dtogruighidh sé féin é. An uair a thogróchas, tiubharfaidh tú ann é le adhastar sneachta]/ Is dan(d)ra an diabhal é le cur amach ar maidin = deacair a chur ag obair; ní mian leis corruighe amach in éadan a chuid oibre. /['Sé an mac is danra a chonnaic mé ariamh é. An t-am a raibh muid ag obair ar bhóthar Sh. Ú. theagainn ag glaodhach air 'chuile mhaidin. Bhí sé ag troid agus ag bruighin agus ag dul anonn agus anall ar fud an tighe, agus a mbíodh ins an teach in a suidhe aige ag iarraidh a chur amach agus é ag cínnt orra. Is iomdha maidin a raibh mé thar am dhá bharr]/ Dith-reabhach dan(d)ra í le cur amach ag obair. Chaithfeadh sé lá fada samhraidh annsin ag faire na splaince gan iarraidh buille maitheasa a dhéanamh. 'Sí atá coilgneach freisin má fhaghann duine ar bith aon-chaidéis dhá cuid díomhaointais / Bail ó dhia ort féin agus ar do chuid feamainne! Chaith mé dhá eadarshuth ag tuineadh leis ó mhaidin, ag iarraidh é a thiomáilt (: thiomáint) síos 'na chladaigh thar agus a chuid feamuinne a bheith sciobtha ag an tír. Ach bhí sé cho maith dhuit a bheith ag caint le dris le bheith ag caint leis. Ní chorróchadh geanntrachaí (: uathaidh — ding) as siúd é. / Mo chreach mhaidne, tá a bhfuil ins an teach annsiúd cho danra le chéile faoi bhuille ar bith oibre a dhéanamh: dair leat féin gur ag comórtas le chéile a bheidís, go bhfeicidís cé'n duine aca ba deacra a chur amach agán a chuid oibre. [Gróigfidh fear aca é féin ar an teallach agus déanfaidh fear eile agus fear eile an cleas céadna, nó nach mbeidh áit ag míoltóig in a ngoire. Níl go dona ann ach an dithreabhach bocht is athair dóibh, atá amuigh moch deireannach ag saothrú. Sin é an díol-truaighe ar chaoi ar bith]/ Níl aon-fhear guirt ná portaigh in Éirinn a chinnfeadh air, ach tá sé danra leis an gcladach a shamhlú leis. Ní mian leis a dhul ann chor ar bith. [Chaith mé trí nó ceathair de laetheantaí anuiridh ar mo mhine-ghéire ag iarraidh é a shaghdadh amach ins an tráigh, ach dheamhan dul muis, nó go raibh an rabharta cúlta. Ba bheag an mhaith dhó a dhul dhá mheath féin ann an uair sin]/ Go gcuiridh Dia dílis an t-ádh ort! Tá inghean agamsa agus sháróchadh sí ceart críochnuighthe thú. Tá gruaig mo chinn tuithte ag géaruidheacht uirre, ach b'fhearr dhom in mo chomhnuí, scáth a dtugann sí d'áird orm. 'Sí is danra dhá bhfaca mise ariamh le luach leithphighne mhaitheasa a dhéanamh. Ní cheal muis nar féachadh le fír na maitheasa a chur innte

ach is cosamhail nachar cuireadh in a dheidh sin /[Is dona na gnaithí a bhí ort a dul ag margáil le P. Ph. Nach bhfuil a fhios agad cé'n bealach atá leis sin. Mara bhfuil, tá fhios agamsa.] Is minic a chuir mise margadh go bun-an-amhgair leis sin, ach mar sin féin ní fhéadfainn ceannacht uaidh agus cho dan(d)ra agus a bhíodh sé = deacair margadh a chur i gcrích leis. Chaithfeadh sé ag stangaireacht leat, go n-imeochthá mearuighthe uaidh faoi dheireadh / Fuair tú amach é muis an té a bhfuightheá slad-mhargadh uaidh, an fear is dan(d)ra ins an tír faoi rud a cheannacht uaidh. An bhfaca tú an bulán a bhí thoir ar an aonach aige aonach beag na Samhna anuiridh. Bhí scoilteadh déanta againn míle uair, agus gan eadrainn ach leath-choróin. Thiubhrainn dó de "lucpine" é, ach ní leigfeadh sé lag labhartha as an airgead adubhairt sé é, th'éis go ndeacha mé ar ais aige cúig nó sé de chuarta. Sin é a bhí dan(d)ra agad! /[An fear is dan(d)ra a chonnaic mise ariamh faoi mhargadh, ba fear Achréidh é. Bhris sé é faoi shé-pigne. Fataí síl a bhí mé a cheannacht uaidh]/ Tá an bheirt lobhtha le airgead. D'eireochadh dóibh agus gan sac ná mac ná muirghín orra, agus slí an airgid aca. Dhá dteag-aidís go dtí thú in a dheidh sin ag ceannacht rud uait, is danra a leanfaidís thú ná an té nach mbeadh sciúrtóig aige. Caithfidh duine eicínt fós orra go spóirteamhail. Níor tháinig cruinneadóir ariamh nach dtioc -fadh scaipeadóir in a dhiaidh / Mura mbeinn idteannta ceart níorbh ait liom a dhul ag brughadh air chor ar bich (: bith). Tá sé an-chorr-mhéineamhail de'n tsaoghal. Dá n-éilighinnse anois a dhul insan gcasán sin aige, tá sé cho danagra sin agus go mb'fhéidir go mbadh é mo choinneál as a dhéanfadh sé. Dhion (: dhein = rinne — Achréidh) sé cheana liom é annsin thiar / Scanracháin bhradacha! Tá a gcuid talmhana frén a chéile faoi leachtaí agus faoi chlochair. B'fhearr dóibh árduigh -the as iad. Ba mhór an réidhteach ar a gcuid talmhana é. Ach ní leigfidís miaróg (: méaróg) amach as aon-gharrdha ag gabhail leo, tá siad cho dan(d)ra sin. = scanruighthe tuatach, géar, dórainneach / Nach danagra an mhaise dhó é anois, agus gur bhac sé mé anuiridh faoi rud an bhóthair a thógáil taebh amuich de'n pháirc sin thoir aige. Theastuigh sé uaim l'aghaidh múirín. Níor chóir damhsa (: dú-sa) stopadh dhó — ní raibh aon-bhaint aige dhó ach an oiread liom-sa — ach leisce na sáruigheachta mar sin féin, stopas. / Nach hé a bhí

dan(d)ra anois agus gur fhuagair sé orainn a dhul amach as na garranntaí breaca annsin thuas anuiridh, agus muid ag fiadhach ann. [Cé'n brígh ach gan tada ionnta ach raithneach agus crígheannaí. M'anam gur fhuagair, agus gurb é a bhí Francuighthe freisin an uair nar fhága muid d'aon-léim iad … é siúd ag magadh! Is minic leis!]/ Is danra an áit é = talamh deacair; talamh a bheadh doiligh a shaothrú len a dheacracht, le bruimfhéar, le clocha, le driseacha, le bunnannaí sean-sceach agus eile / M'anam má tá tú ag mianadóireacht ins an ngarrdha P. go bhfuil do sháith de'n tsaoghal agad. An bhfuil sé cho dan(d)ra anois agus a bhíodh sé fadó. [Chaith mé féin agus T. seachtain ag casadh fóidín baic ann agus ba beag nar chinn sé orainn. Bhí na láigheanntaí ag lúbadh ann le teann fórsa]/ Séard a bhí agad a dhéanamh má tá rún agad bualadh faoi'n riasc siúd na cliamhanachaí móra atá annsin thiar agad a thabhairt aniar go ceann seachtaine agus neart mairtfheola a thabhairt dóibh. Tá an talamh siúd cho dan(d)ra agus nach gcuirfidh duine ar bith é ach fir urradhanta a bhfuil smior ionnta. [Maidir le duine dona mar thusa a dhul ag plé leis, is beag é t'fhoghail air]/ Níl aon-fhód talmhana ag gabhail leis nach bhfuil deacair dan(d)ra mar sin, faoi bhruibh, faoi dhriseachaí, faoi chíb ar éigin, faoi 'chuile mhíle rud dhá dhonacht. ['Ar ndú marach é a bheith in a fhear cho maith agus atá sé, ní bheadh sé indon giota fataí a chur beag na mór. Agus cloisfidh tú daoine dhá cháineadh in a dheidh sin, agus ag rádh go mbadh cheart dó dubhachan a dhéanamh. Dubhachan mo chreach! Ar an talamh siúd]/ Is danra an áit ar chaith sé in a cheann teach a dhéanamh — istigh ins an gcaracán údan. Dheamhan réidhteach a bhéas ar an ngiodán siúd aige bliain ó indiu, hébrí cé'n cuthach oibre a bhéas air. [Beidh ordlaidheacht agus "bleaisteáil" agus allus ar na carraigreachaí údaidh.]/ Ag lánú ingarrdha beag N. atá mé na laetheantaí seo agus is dan(d)ra an obair sin. Ní mór duit a bheith ag priocadh i gcomhnuí, arae tá sé faoi chlocha ar fad. [Bheadh chiall leath-chlocha, ach gruadháin mhóra mhill-teacha atá annsiúd. Ba bheag na clocha a bhíodh i ngarrdha N. chor ar bith fadó. Tá an talamh spíonta anois is cosamhail]/[Tá muid in ainm agus a bheith ag baint chloch ins an gcoiléar sin thíos, ach go bhfoiridh Dia ar na clocha sin. Ní bheadh carr cloch bainte seachtain agad ann agus cho dan(d)ra agus atá an coiléar. = na clocha do-bhainte ann]/ Tá an fheamuinn dubh atá againne in áit cho danra agus a chonnaic tú ariamh: thíos ar chúla an characáin. Bealach cho h-aistreánnach é agus atá ins an gcladach ach níor chás duinn é marach cho h-achrannach agus atá an roinn féin: clochair

agus clocha gránna ar fad í. Dhá mbeadh crann ní ba mheasa ann, is againn a thuitfeadh sé, ach beidh aithroint ar an gcladach an bhliain seo chugainn le congnamh dé / Diabhal bréag nach droch-phortaigh atá againn: dheamhan níos measa. Dearg-laoch agus feoil chapaill ar fad. Móin dhan(d)ra le baint í. [Chuir mé mo bhundún amach anuiridh le portach nua a d'oscail mé ar an roínn. Marach leisce an mhagaidh d'fhágfainn annsin ins an míádh é th'éis a oscal]/ Ní raibh de chailleadh chor ar bith ar an mbarr uachtair. Diabhal mé go raibh, agus an mhóin roint sceithteach féin — briosc adéarfá. Ach an uair a theann mé síos ins an mbarr láir agus ins an mbarr íochtair, bhí sí danra a dhearbhráthair — danra. B'éigin dom cosa idtaca a chur orm féin ar an mbínse, leis an sleaghan a chur thríthe. Rinne an barr íochtair puca críochnuighthe dhíom / Siúd é an féar atá danra ar a bhaint. Tá sé sínte as éadan agus driseacha cairthighthe amach ann, agus maidir le faobhar, caithim é chur suas is' chaon dara sracadh; arae tá sé bratthuighthe le clocha [Is mé a bheadh sásta dá mbeinn dealuighthe amach as. Diabhal mórán féir a bhéas dhá bharr siúd]/ Ní fhaca mé aon-uaigh ariamh ba dan(d)ra le déanamh ná uaigh N. go ndéanaidh dia maith air! [Chuaidh muid siar ann ag an deich a chlog ar maidin agus ní raibh muid amach as an roillig go raibh an dubh ar an oíche. Bhí sí an deacair in uachtar, agus an uair a theann muid síos, bhí leac ann — maistín de leic. Shíl mé go gcinnfeadh sí orainn a cur aníos duth ná dath]/ Obair dhanra a bheith ag plé le feamuinn.
Tá a fhios ag m'anam go sáróchadh sí thú. Sclábhuidheacht uiliog í / Ní gan uí gan ó an poitín céadna, agus é a dhéanamh. Ceird dhan(d)ra é. Diabhal bréag nach headh, agus b'fhéidir th'éis do chuid crácamuis ar fad, nach mbeadh dhá bharr agad ach na caipíní speiceacha seo breith ort, agus do shé phunt a fháisceadh ort, dá mbeitheá taobh leis / Tá obair na móna féin sáthach dan(d)ra. Tírtheál mhór a fhaightear uaithe. Ach dar mo choinsias tá iarmhuis uirre le blianta beaga anuas an té a chaithfeadh léithe. Theastuigh rud eicínt ins an tír dhona seo. / Tháinig mé aniar treasna thrí na brocachaí sin, oíche i mbliana, agus má tháinig féin ba danra an éadáil sin. Shíl mé nach raibh an oíche cho dorcha agus a bhí sí, agus deirimse leat go bhfuair mise tuairteáil, ní áirighim go raibh a raibh orm stiallta ó chéile ag driseachaí / Tá an saoghal dan(d)ra a mhic ó, an uair a thosuigheas sé ag gabhailt dá mhaidí ar dhuine.
Daoine. [Agus daoine eile a mbíonn sé ag féithiú leo mar adéarfaidís

é. Sin é an chaoi]/ Níl an saoghal go dan(d)ra le aonduine ach leis an saighdiúr bocht a chaithfeas a dhul amach ar aghaidh na bpiléar uair ar bith a bhfuagróch-thar air / Bhí an saoghal sáthach dan(d)ra leis an mbean bhocht sin ar chuma ar bith. Cailleadh a fear agus d'fhága sé áilín lag lúbach uirre agus gan aice ach na cupla garrdha sin len a dtógáil. [Shaothruigh sí an saoghal go maith an créatúr, ach tá na scurachaí anois ionchongantach agus diabhal a n-aireochaidh sí é feasta]/ Thóigfeadh duine muirghín ann in a dheidh sin, dhá laghad talmhana dhá bhfuil ann, mara mbeadh an saoghal an-dan(d)ra leis. Ach 'ar ndú' 'sé'n chaoi a bhfuil sé, ma bhíonn an saoghal dan(d)ra le duine, níl aon-ghoir aige a dtógáil in aon-áit. Diabhal goir ná cuid dhá ghoir /

Tá an snáth seo danra ar a bhriseadh = snáth láidir. / Shílfeá go bhfuil an claibín atá ar an mbuidéal dubhaighe seo an-docht. Is dan(d)ra é le scriúthail dhe. [Dar príosta cinnfidh sé orm]/ Is dan(d)ra an diabhal de rud an tiúb seo a bhaint amach anois agus an "puncture" a dheasú. Níl ann ach go bhfuil an "tyre" indiaidh a chéile agus mara gcuirtear isteach an tiúb go fíor-stuama aríst tiocfaidh sí amach agus pléascfaidh sí … Bí áirdeall -ach! / Nach fhaca tú aon-rud ariamh is dan(d)ra ná bó le fata a dhul in a muineál. Bhain mise as bó liom féin cheana é gan fód móna ná ceo. [Choinnigh Séan sin annsin dom í agus é ina scurach. Chuir mé mo láimh siar go dúdán innte. Ba chontabhairteach an cleas le déanamh é …]/ Tá an snáth seo dan(d)ra = in aimhréidh; gan duine a bheith indon é a réidhteach / Tá an snáth seo dan(d)ra ag caislimíní agus ag filltíní. Réidhtigh é má fhéadann tú / Bhí an súgán dan(d)ra le caislimíní in áit ar chuir sé an iomarca fuinnimh ann. Bhí mé ag ceapadh 'chuile nóiméad go ndéanfadh sé píosaí, agus ní fhéadfainn an corrán a bhaint dhó (: de) in a dheidh sin. Bhí leisce orm /

Díol (díon): ainm-fhocal (níl iolraidh ar bith aige, ná ní thagann claochlódh tuisil air)

Díol (díon): (i) Dóthain, sáith, diongbháil, mian do chroidhe, riar; (ii) údar, ábhar, dóigh; (iii) díbliú, ithe, liobairt, gearradh, sciolladh, íde, géaruidheacht, maslú.

[Focal rí-choitiannta i gcaint é "díol"]

An bhfuil do dhíol fataí (coirce, móna, feamuinne, paipéir, cipíní, tuitíní agus rl) agad? = do dhóthain, do sháith / Ní raibh a dhíol talmhana aige chor ar bith, go bhfuair sé a dhíol dhe faoi dheire. Faghann chuile dhuine a dhíol talmhana thiar ins an roillig. / Ba deacair a dhíol achrainn a thabhairt dó ach fuair sé é faoi dheire thiar thall. Comhairleochaidh an gó sin anois é. / Shíl tú nach raibh mo dhíol siubhail fúm. [Bhí agus fuighleach. Ceathramhadh do'n trí a bhí mé ann]/ Ní bhfuair sí a díol scoile le bheith indon a dhul in a "nurse". [Is mór an lear scoile nach mór do dhuine anois leis an bposta is fánaighe ar bith a thógáil]/ Dá mbeadh ar ndíol córach againn bheadh muid ins an mbaile ó sholus, ach ní raibh flaim ann / Dá mbeadh mo dhíol teanntáis ionnam, bhrugh-fainn air, ach sin rud nach raibh ionnam ariamh as baile amach / Níl do dhíol céille agad fós. Dá mbeadh; ní ghabhfá ag déanamh cleas mar sin / Ní ins an triollús a chaill sé é. Tá a dhíol triollúis ann, ach níl sé baramhlach go bhfuil sé indon an obair a dhéanamh. Sin é an fáth a loiceann sé i gcomhnuí. / Ní d'fhuireasbh-aidh a dhíol cabaireacht' atá sé mo léan! / Dá ndéanadh nathuidheacht dó é dhéanfadh sé obair. Ní d'fhuireasbhaidh a dhíol nathuidheacht' atá sé. / Tá a ndíol de'n droch-mhúineadh ionnta, pé'r bith cé'n t-easbaidh eile atá orra / Tá mo dhíol de'n Ghaedhilge agam, bíodh mo dhíol de'n Bhéarla agam nó ná bíodh / Cheal nach bhfuair tú do dhíol de'n achrann fós? / Tá congnamh maith dhár ndíol againn anois = is beag nach bhfuil ar sáith againn. Tá muid gar go leor dá'r ndíol a bheith againn / Níl baoghal ar mo dhíol fós agam / Tá mé ag tarraingt ar mo dhíol a bheith agam anois / Cá'id uait do dhíol a bheith agad? = an fada go mbí do dhíol agad / An fada ón a dhíol é? / Is gearr ó'n a díol anois í / Tiubharfaidh sé cnáimh le creinneadh dhuit do dhíol a bheith agad ins an méid sin / Tá muid gar go leor dar ndíol a bheith againn anois / Tá baoghal ar do dhíol a bheith agad fós. = níl do dhíol agad ná baoghal air / Is beag len a dhíol móna atá aige / Is mór le cois mo dhíol atá agam i mbliana té (: cé) go raibh mé easbadhach anuiridh. / Is mór é do dhíol = bíonn go leor ag teastáil uait / Ith suas anois iad, agus is mór é do dhíol díob marar athruigh tú / Ba mhór é a dhíol de'n phórtar 'chuile lá ariamh / Is beag é a

ndíol de na fataí, ach is mór é a ndíol de'n tae / Is beag é mo dhíol-sa talmhana feasta choidhchin, ní ceasacht ar Dhia é. [Ní mó na go bhfuil mé indon siubhal ag an ngarrdha.]/ Tá a dhíol go maith aige = tuilleadh agus a dhíol. / Tá beagán le cois a dhíol cainte aige / Dubhairt an dream seo an uair a chuaidh siad isteach go mbainfidís de'n té a mbeadh rud le cois a dhíol aige, ach mo chreach mhaidne, an deagh-ghealladh agus an droch-choimhlíonadh / Is mór thar do dhíol atá ins an méid sin / Is mór thar do dhíol atá le rádh agad / Bhí a dhíol go maith le rádh aige / An bhfuil do dhíol eoluis agad fós / An bhfuair tú do dhíol, do riar agus do dhóthain? = leagan atá i gcleas a dtugtar "Díol an choirce" nó "Faic" air (Fc. "obair agus luadh-ainn" — Ó Gaora lc. 227-229) / Thiubharfadh sé a dhíol le déanamh dhó é a leagan marach go raibh an stól ins an mbealach. Mar a bhí sé féin, ní raibh tada le reic aige / Thug sé a dhíol agus fuighleach dó, diabhal bréag nar thug, th'éis cho dúlaidhe agus a bhí sé ag an achrann. / Fuair sí a díol den bhóithreoireacht ins an deire, ní dhá roint léi é. / An té a shantuigheas an troid gheobhaidh sé a dhíol di / Ní imeochaidh sé níos mó. Fuair sé a dhíol de Shasana sílim / Ó a bhain sé féin amach ins an gcaint, fuair sé a dhíol de'n chaint ins an deire / Is gearr go mbeidh a dhíol faighte aige de'n obair anois. [Shílfeá go bhfuil sé ag fuarú aiste cheana féin. Ní raibh ann ach an rith searraigh ariamh hébrí céard a ghabh -fadh sé a dhéanamh]/ Fuair sé a dhíol agus fuighleach de'n chogadh. Ní thiocfadh sé ann aríst dá naomhtaí é / Sin é do dhíol anois. Tá tú cluiche = tá do dhíol cúig-eanna faighte agad / Sin é do dhíol = Enough said! / Tháinic sé anuas an bóthar agus mála móna aige, le tuitim na h-oíche. Fuair mé an chruach bearnaighthe ar maidin. Narb shin é mo dhíol = bhí a fhios agam gurb eisean a ghoid an mála móna aiste / Rugthas air ins an oíche Dia Luain agus gan an chruithneacht ach cruaidhte aige. Chaith póilí trí h-uaire tigh Sh. an lá sin, agus bhí a fhios ag muintir Sh. go raibh an iarraidh fuisce ar na bocáin. Nach shin é do dhíol! /[Casadh liom ise ar bharr an áirdín, agus nuair a bhailigh mé siar an gleann bhí seisean ag caint le E. Sh. ann. Nach shin é do dhíol. Bhí sí in aonfheacht leis]/ Ní leasóchaidh mé é, mar níl díol a leasuighthe agam. Shíl mé go raibh níos mó drabhláis ná sin ins an lucht feamainne / Bhí M. Mhór ag glámhóid nach raibh díol a chaointe istigh, ach an uair a chuir sí féin uaill aisti, dheamhan a raibh go dona di. / Ní fiú dhom aon-cheo a thairiscint duit mar níl díol an rointe ann = cion an rointe = ní fiú a dhul ag roint

a bhfuil ann / Dá mbeadh díol an rointe ann, dheamhan duine ar bith is túisce a gheobhfadh cuid dhe ná thú, ach ní raibh / D'fhuagair sé leath agus páirt orm, ach ní raibh díol an rointe ann /[Dubhairt sé go raibh díol péire bróg de leathar ann, ach mheasfainnse nach raibh díol bróige féin ann]/['Sbáin sé giota dhom agus dubhairt sé go raibh díol culaith éadaigh ann. Má bhí muis, sáthach gann a bheadh sé déarfainn.]/ Nar thug sib díol an chuit féin d'iasc libh? = díol an chuit = beagán / An bhfuil díol an tae de bhainne agad / Tá díol an gharrdha de leasú ann / Má tá díol na saoire de mhóin ann, beidh muid ar fheabhas /[Ní raibh díol na bliana d'fhataí aige th'éis a ndearna sé de dhubhachan / Níl díol na h-oíche de tae istigh. Tá díol seachtaine go maith ann]/ Níl aon-díol míosa innte, nó má tá is ar a chruadh-chúis di é / Níl díol an laoigh de bhainne ag an mbó / Níl díol cúl de leasú ar an roinn fheamainne atá againn ar fad / Níl díol dreanncaide d'fhéar ag gabhail leis / Níl díol bó mhaithe de chimín istigh ar do bhaile fré chéile / Is cuma do dhuine é ach díol na coise tinne a bheith aige = an oiread agus a riar-fadh é an uair a bheadh a chuid maitheasa ar iarraidh indeireadh a shaoghail / Is gearr le dhul an pinsean céadna ach go bhfuil díol na coise tinne ann in a dheidh sin /[Diabhal mórán is fiú di an udhachta ach go bhfuil díol na coise tinne innte in a dheidh sin]/ Ní raibh díol na sochraide d'airgead aige féin aindeoin a raibh de cháil airgid amuigh air. / Deamhan mórán le cois aige, ach go bhfuil díol a fhreastail aige, agus nach shin é a dhóthain. Caitheamh agus fáil beatha na naomh a deir siad. = díol a fhreas-tail = riar a cháis = an oiread agus a dhéanfadh cúis dó le maireachtáil, ach gan tada thairis a bheith aige /[Is mór is fiú do dhuine díol a fhreastail a bheith aige. Nach sin é a bhfuil 'chuile dhuine a iarraidh.]/ Ní raibh sé ariamh gan díol a fhreastail, dhá chruaidheaichte dhá dtiocfadh an saoghal. Ach ní fhaca mé ariamh an-deiseamhail é /[Tá a bhfuil ins an teach againn ag saothrú agus tugann sé rud le déanamh duinn in a dheidh sin díol ar bhfreastail a bheith againn. Is deacair bróga agus éadach agus beatha a choinneál leo ar fad / Th'éis a raibh de theacht isteach aige, bhí a sheacht sáith le déanamh aige agus díol a fhreastail a bheith aige. Ar ndú bhí dola mór air lena raibh de mhuirghín aige]/ Tá díol a freastail go maith aice. 'Tuige nach mbeadh. Agus aindeoin sin, tá an béal bocht uirre i gcomhnuí. Ag caitheamh in a dhiaidh atá sí anois, nach bhféadann sí an carr a chur ar na bóithrí ag saothrú. Ní mór le cuid de na daoine a dhá láimh a chur timcheall ar an saoghal ar fad /[Mara bhfuil díol a fhreastail muis ag máistir scoile, is truagh ghéar do thuilleadh. Nar agruighidh dia ort é a mháistir. Ag imeacht as do chranna cumhachta atá tú len a

bhfuil agad. Tá tú fearacht na n-uaisle ar fad …]/ Is duine é nach mbeadh a fhios ag aonduine céard a bheadh aige, ó dhíol a fhreastail amach = bheadh baramhail ag gach uile dhuine cé'n dola a bheadh air — cíos, airgead acraí, leasú, beathú agus eile — ach ní leigfeadh sé amach le aonduine cé'n t-airgead tirm a bheadh aige / Th'éis an pháighe atá anois aige, is beag le díol a fhreastail é ina dheidh sin. Cá'id le dhul chúig phunt ins an tseachtain agus an saoghal atá ann, agus go gcaithfidh sé 'chuile mhíle nídh a cheannacht /[Má tá díol do fhreastail d'airgead agad tá do dhóthain agad. Níl maith ar bith a bheith dhá chur ins an stoca go ndéanaidh sé caonach liath! / Is deacair díol a fhreastail de thobac a choinneál leis. Bíonn sé ag stolladh i gcomhnuí]/ Thug tú díol mo náire dom = an oiread go baileach agus a náireoch -adh mé, ach nach ndéanfadh sé aon-mhaith dhom féin, agus go mba mhó an t-údar náire ná sochair é. Déarfaí le fear rointe i gcártaí é, cuirigcás, an uair nach dtiubharfadh sé dhó féin ach an oiread agus a thóigfeadh cúig a láimhe dhéanta / Bhí sé ag ceapadh go raibh an-spré le fáil aice sin, agus 'ar núinín (dar ndóighnín) d'fhága a muíntir mar sin é, nó gur bhuail siad air í. Deich bpunt a bhí aice: sin é an méid. Ní bhfuair sé ach díol a náire /[Cé mhéad, meas tú, a chuaidh an gamhain? Coróin thar mar a thug sé air, aindeoin ar thug sé de bheathú dhó ó a cheannuigh sé é. Fuair sé díol a náire ceart air]/ Thug mé "madraí" do chuile dhuine eile agus chuir mé féin taobh leis an dó beag — díol mo náire. / Nach mé atá feidheartha. Thug tú díol mo náire dhom — an oiread agus a thóigfeas cúig dhéanta. Ach ní cás dom é agus a bheith indon í sin féin a thógáil / Is dona an roínt a thug tú orra. Dheamhan mámh ag gabhail liom — oiread agus díol mo náire féin / Cé'n sórt banrán atá ort faoi mo dhéanamh-sa. Nar chuir mé indo mhámh tú … Bhuel thug mé díol do náire dhuit ar aon-chor / Tá sé cho maith dhom a gcaitheamh i bpaca. Níl cúig ná cárta ionnta — go fiú agus díol mo náire féin. Tá an rud sin indo láimh i gcomhnuí. Fágann do dhéanamh feidheartha críochnuighthe mé 'chuile uair / Níl díol an roínte ann, ach tá díol mo náire ann. Leag an cúpla seo air go maith, ó a fuair siad leigean air = buidéal óil nó a mhacsamhail. Ní bheadh an oiread ann agus go mb'fhiú é a roint, ach bheadh beagán ann le náire a thabhairt ar dhuine / Ní raibh an oiread ceann-faoi orm ariamh. Dhá scilling agus seacht bpighne a bhí agam — trí pighne go díreach a bhí mé easbadhach gan luach deoch a bheith agam. Ní raibh agam ach díol mo náire /[An lá a ndeachaidh mé go Sasana an chéad-uair, tháinig mé amach de'n traen ag Euston. Bhí an oiread Béarla agam agus go raibh mé indon eolus an bhealaigh a chur, ach cé'n mhaith dhom sin agus nach raibh mé indon focal ariamh dhá gcuid lapaireacht' a

thuiscint. Bhí canamhaint an diabhail orra. Sin é an uair adubhairt mise liom féin nach raibh de Bhéarla agam ach díol mo náire]/ Tá díol fear ar bith de bhean innte sin = tá sí sáthach maith ag fear ar bith; d'fheilfeadh sí fear ar bith; is bean diongbhála fear ar bit í / Tá a dhíol de bhean aige = tá an bhean atá aige sáthach maith / Leagadh anuas díol sagairt de bhéilí aige, ach ní leagfadh sé smut air = béilí a bheadh sáthach maith do shagart / Tá díol easbuig de bhearradh ort bail ó Dhia agus ó Mhuire ort! / Cuireadh díol carraera de rán (: d'arán) ina mhíainis (: in a fhiadhnuis), ach ní fhaca mé in a dheidh sin gur fhága sé aon-fhuigh-leach = bhí sé de cháil ar na carraeraí go raibh siad mór-ghoileach / Tá díol duine uasail de chulaith éadaigh air /[Níl díol tincéara de dhá bhróig air / "Tá díol Rí Seoirse d'inghin agamsa" adeireadh P. Sh. M. "Rí Seoirse féin ní bhfuighidh í, mara gcruthuighidh sé go bhfuil sé indon iarraidh mhaide a bhualadh cho maith liomsa" / Sin é díol L. K. de theach anois = L. K.: ba bó mhór é ins an áit / Sin é díol Debhelera de "sate" (: seat), agus síleann thusa nach bhfuil sé sáthach maith agad in a dheidh sin. / Tá díol máistir scoile de pheann aige, agus gan a fhios ins an diabh-al cé'n fáth — fear nach bhfuil indon a ainm a scríobhadh / Tá díol póilí de scoilt-eadh ins an ngruaig aige. An bhfaca tú é = tá sé igceist go mbíonn scoilteadh breagh ar an ngruaig ag póilíos / Tá díol saighdiúra de chána aige / Tá díol caibhnsiléara (: counsellor. B. L) de theangaidh aige. 'Sé a scoiltfeadh an chaint]/ Tá díol céachta de choltar sróine air / Tá díol triúr de dhá chois faoi / Tá díol deichneabhair le rádh aige / Tá díol ceannuidhe de mhála agad / Tá díol báid mhóir de naprún uirre = tá an oiread éadaigh in a naprún agus a chuirfeadh seol ar bhád mhór / Tá díol cúl fataí d'fheamuinn idir a ladhrachaí. = ghreamuigheadh an oiread feamuinne dá ladhrachaí agus a leasóchadh cúl fhataí, agus ní ghlanfadh sé iad ro-mhinic /[Leagadh díol Rí Shasana de dhinnéar anuas againn. / Tá díol baile de shioscadh agad / Bíonn díol lán tighe de chaint ag an mbeirt istigh ar an teallach gach oíche / Tá díol paráiste de ghleo aige, ach a mbíonn aon-deor ólta aige. / Tá díol "lady" d'fháinne uirre pé'r bith cá bhfuair sí ar sliobarna é / Tá díol Ch. Mh. de chadairne túnach uirre cheana, agus gan í ach sé bliana déag = bhí sé de cháil ar Ch. Mh. go raibh tóin mhór uirre. Seo bean (C. M.) atá beo fós / Tá díol Mh. Mh. (fear ins an ait) de dhá chrúib ort, bail ó Dhia ort, agus thú chuile orlach cho mío-stúama leo / Níl aon-chall le radió aca. Tá díol Radió ar bith de gláimhthéisc ag B. cheana / Tá díol coinneal mhór na Nodlag de smaois leis. / Tá díol ceardchan de bhuilg ann / Tá díol crudh d'fhabhairt in a dhá súil / Tá díol beirt ar bith ins an mbéal atá air, slán an tsamhail! / Sé an chaoi

a bhfuil an fheamuinn sin anois, díol dháréag ag duine, agus duine eile gan a dhíol chor ar bith / Tá díol tíre de thalamh aige agus gan tada dhe saothruighthe / Bhainfí díol Chonndae na Gaillimhe de mhóin ar an gcriathrach sin. / Tabhair a dhíol bóthair dó = beithidheach a mbeadh fonn reatha air; gluaisteán nó carr a bheadh do do scothadh ar an mbóthar / Níor thug sé a dhíol bóthair do'n bhus. Is beag nach ndeacha sé ins an gclaidhe ó thuaidh / Ba mhór an chontabhairt na "mótair" sin roimh an gCogadh mara dtugtaí a ndíol bóthair dóibh / Fág a dhíol áite aige / An bhfuil do dhíol áite annsin agad ar an stól? / Ní bheidh a ndíol áite ag triúr ins an leabaidh siúd = ní bheidh díol triúr d'áit ins an leabaidh siúd / Ní bheadh a ndíol áite damhsa ins an gcisteanach seo / Tá an casán ro-chaol. Níl a dhíol bealach cairr ann / An bhfuil do dhíol réidhtigh agad annsin anois le síneadh. / Ní fhéadfadh bád aeir tuirlingt in áit ar bith ins an tír seo. Dhéanfaí sprúdhánaí di ag na clocha. Níl a díol réidhtigh ann / Ní fhéadfá teach a dhéanamh annsin. Níl do dhíol réidhtigh ann / Cé'n áit a gcasfadh "lorry". Thuas annsiúd ab eadh. Ní chasfadh muis. Níl a dhíol réidhtigh ann / Níl a díol caoi ar an mbróig fós / Tá sé in am ag an sean-bhicycle sin a dhíol caoi a bheith air feasta. Mara bhfuil, ní bheidh sé air anocht / Tá díol beirt d'aoirde ann bail ó Dhia air / Tá do dhíol deanamh suas ort anois. 'Ar ndú, ní i láthair daoine uaisle atá tú ag dul / Tá do dhíol cóiriú ar an leabaidh sin feasta / Bhí a díol biorrú ar na claidhtheachaí sin cheana agus gan a dhul orra aríst. / M'anam go bhfuil do dhíol cur uirre a mhic ó. Cuir leat í. 'Ar ndú ní ag caitheamh lán laidhre ag tuigheadóir a ghabhfá agus thú féin indon a cur ceart / Tá do dhíol scriobh-adh uirre anois. Tiocfaidh sí leis / Tá do dhíol scuabadh ar an urlár sin anois agad. Dá mbeadh sé cho maith i gcomhnuí, ní bheadh de chailleadh air. / Tá do dhíol bearradh ort anois. An bhfuil tú ag ceapadh gur cailíní óga a bhéas ag breathnú ort. Baoghal orra! / Tá a díol triomaigh ar an móin sin len a dóghadh thrídh mhóin mhaith / Thug sé a dhíol marbhú air. Níor eirigh sé in a dhiaidh / Sílim go bhfuil a dhíol théitheadh ar an mbainne seo anois má's len ól atá sé / Tá díol fir de thalamh faoi = tá sé leithideach uaibhreach, suimeamhail / S. Ó. N. a casadh leat. Fear go deimhin a bhfuil díol fir de thalamh faoi / Chonnaic mé an scearacháinín óg sin ann ag dul síos teach an phobail Dé Domhnaigh, agus go deimhin má chonnaic féin bhí díol fir de thalamh faoi. Bhí go deimhin / Tá máistir nuadh annseo thiar le seachtain in áit Mh. Chuaidh sé soir ag spaisteoireacht an trathnóna faoi dheireadh. Is faoi atá díol fir de thalamh — is faoi sin / Cé b'as é siúd … B'fhurasta aithinte. Tá díol fir de thalamh faoi. Ní fhaca mé fear a thíre ariamh nach mbeadh sé amhlaidh / Bhí an

scrathachán mór seo ag M. C. ann, agus má bhí agus go raibh bhí díol fir de thalamh faoi. / M. Mh. Mh. Mh. an eadh! Sin é an fear agad a bhfuil a dhíol talmana faoi.]/ Tá a dhá dhíol talmhana ar fad faoi. Níor thaithnigh a chuid cóipís ariamh liom. / Sé an cóta seo mo dhíol ceart = níl sé ro-chumhang ná ro-fhairsing agam / B'fhéidir dá gcuirtheá an caipín seo ort gurb í do dhíol í = do "fit" / 'Sí bróig C. mo dhíolsa — mo dhíol díreach. / Ní fhéadann sí a díol de hata a fháil i siopa ar bith. Bíonn 'chuile ceann ro-mhór nó ro-bheag di. / Ní h-iad mo dhíolsa iad ar chaoi ar bith. Thóg -fainn miotóig níos mó ná sin / Gabhfaidh mé thríotha ó cheann go ceann go bhfaghaidh mé mo dhíol féin / Marab é do dhíol é cuir ar ais é ar an bpuínte boise. Is fhearr athchur ná aithmhéala / Níl barainn ar bith ar an bpéire bróg a fuair mé. 'Siad díol Sh. iad, ach ní h-iad mo dhíol-sa iad. / Bheadh díol J. Ph. É. (: fear mór ins an áit) ins an treabhsar atá air. Tá sé ag stríocáil naoi nó deich de chromaí dhó in a dhiaidh thrí na lathachaí / Dá mbadh é mo dhíol é choinneochainn é. [Taithnigheann an t-éadach liom. Ach cé'n mhaith sin. Tá sé buille beag]/ Chinn orm mo dhíol de léine a thoghadh as lán cúnntair ann / Tá do dhá dhíol (do thrí dhíol, do sheacht ndíol, do dhá dhíol dhéag agus rl.) agad ins an méid sin = dhá oiread a mbeadh ag tastáil [tabhair faoi deara in áidhbhéil de'n tsórt seo gurb é "do dhá dhíol", "do thrí dhíol", "do sheacht ndíol" "Do dheich ndíol" (go h-annamh), "do' aon-dhíol déag", "do dhá dhíol déag", "do chúig dhíol déagh", "do sheacht ndíol déag, "do sheacht ndíol déag agus fiche" adeirtear. Ní tugtar isteach aon-líon eile.

Má tugtar, is go rí-annamh é] / Thug tú a sheacht ndíol dó. / Fuair sé a sheacht ndíol déag agus fiche — fuair sin / Fuair sé a dhíol faoi dó / Fuair sé a dhíol faoi chéad / Tá a sheacht ndíol déag féin de mhóin aige agus ní dhíolfadh sé aon-fhód in a dheidh sin / Tá a thrí dhíol talmhana saothruighthe annsiúd agus é indon freastal dó. Gabhfaidh sé i léig ar fad aríst cheal conganta / Thug tú do dhá dhíol déag leat. Dhéanfadh oiread na frighde mé / Bhí a sheacht ndíol geabsaireacht' ar fad ag an gceann céadna. Leigfidh sé faoi anois go ceann tamaill / Níl mo leath-dhíol siúicre annseo. / Céard atá tú a rádh. Níl a leath-dhíol feirge ann agus an áit a bhfuil sé / Níl a leath-dhíol uilc ann. Dá mbeadh agus an spreacamh atá ann bail ó Dhia air, dhéanfadh sé ár / Ní itheann duine ar bith annseo a leath-dhíol gabáiste. Dhá n-itheadh, b'fholl-áine a bheidís ná atá siad / Ag iarraidh an talamh a roint ar an mbeirt mhac agus gan leath-dhíol duine cheana ann! / Níl do leath-dhíol foighd' agad. Nach bhfuighidh tú anois é / Níl sé ag fáil a leath-dhíol le déanamh. Sin é an macnas atá ar an asal sin. / Níl a leath-dhíol foghluim' air l'aghaidh posta

mar sin. Breac-fhoghluim mór nach fuláir "d'fhear fataí" a bheith air a mhic ó /[Níl ceathramha cuid mo dhíol ann / Cuirfidh an méid sin go dtí do dhíol thú = an uair a bhéas an méid sin agad, beidh do sháith agad / Dhá mbeadh cupla "crib" eile mhóna agam chuirfeadh sí go dtí mo dhíol mé. Bhí ní ba mhó drabhláis in mo chuid féin ná a shíl mé / Dhá mbeadh cupla punt airgid agam faoi láthair anois, bhainfinn mo ghaisneas asta agus chuirfidís go dtí mo dhíol mé / Cuir -fidh dhá stuca eile go dtín a díol í seo = ní theastóchaidh ón gcruaich seo ach dá stuca eile le balchríoch a bheith uirre / Is beag eile deasuighthe anois a chuirfeas go dtín a dhíol an garrdha údan: dhá bhoirdín nó mar sin / Ualach eile anois a chuirfeadh an chruach mhóna seo go dtín a díol. Tá sí críochnuighthe ach í a bhiorrú. / Ní fiú dhuit a dhul ag bacadh le balla fuar. Dhá mbeadh trí nó ceathair de mhailíní eile "ciment" agad, idteannta a bhfuil agad cheana, chuirfeadh sé go dtí do dhíol thú. Ní hé an oiread sin a thóigfeas cró, mara bhfuil fút caisleán Pléimionnach a dhéanamh!]/ Leigeadh fairsinge mhór orm an uair a d'imigh B. Ph. síos amach. Fuair mé an chuid ab fhearr a bhí ag gabhail leis — thuas i mbarr an bhaile. Ceathramha gabhaltais eile nar mhór dom anois. Chuirfeadh sin go dtí mo dhíol ceart mé. / Ní chuirfeadh a bhfuil de thalamh i gCois Fhairrge go dtín a dhíol é siúd, mar is mór — agus is rí-mhór — é a dhíol dó (: de) / Sin togha béilí anois. Tá mé sáthach ceart míle buidheachas le Dia. Cupla pionta pórtair a chuirfeadh go dtí mo dhíol anois mé / Tá an t-asal sin anois ina dhíol. 'Bhfeiceann tú go bhfuil sé i bhféar go bolg / Chuaidh sé isteach in a dhíol an lá ar phós sé í sin. Roimhe sin ní fhaca sé a dhíol ariamh. Cá bhfeicfeadh sé é — thiar insna leacachaí siúd / Bhí mise in mo dhíol ins an áit a raibh mé dá mbeadh sé de chiall agam fanacht ann, ach ní raibh. Cheithre dheoch a bhí gluidhte (: glaoidhte) dhom, agus gan bearnuighthe dhíob ach aon-cheann amháin /[Mara raibh tú in do dhíol mná (: ban) aréir, ní shásóchtar go bráth thú. Nach raibh siad fút agus tart. Dar príosta bhí, agus gan fear ar bith arbh fiú ainm fir a thabhairt air ann, ach thú féin / Cheal nach bhfuil sé in a dhíol fós? D'imigh an diabhal air. Má's tuilleadh airgid atá sé a lorg in diaidh an dá udhachta sin, ní féidir a dhíol airgid a thabhairt dó — ní féidir sin.]/ Chuir mise in a dhíol éisc aréir é ar chaoi ar bith. Bhí mé féin agus an currachtóir seo thuas ar meath indé, agus bhí suas le dhá chéad faidhtín againn. Ar a theacht isteach dó aréir chuir mé síos sé fhaidtín dó, agus pota fataí. Deirimse leatsa go mba bheag é

an fuighleach in a dheidh sin. D'íosfadh sé siúd an tsáith Mhuimhneach / Is díol fear ar bith de bhean í = tá díol fear ar bith de bhean innte / Is ait an díol mná é = Is maith an aghaidh mná é = tá bean tuillte aige = tá sé in a fhear mhaith le bean a thabhairt dó / Díol truaighe = údar truaighe; rud, beithidheach nó duine ar maith an aghaidh truaigh a dhéanamh dó; rud nó beithidheach nó duine atá in ainriocht cho mór agus go dtuilleann sé truaigh a dhéanamh dó ingeall ar an staid a bhfuil sé. / Is mór an díol truaighe é agus an chois bocht atá aige / Ní díol truaighe go dtí é ó d'imigh an chlann ar fad uaidh /

"Ní díol truaighe thú choidhchin go mbuailtear ort cuigeallach mná
A dhéanfas gual dubh n-uaire de do chroidhe in a lár" [An Draighneán Donn]

/ Is díol-truaighe liom thú, agus a bhfuil d'fhuacht ort /[Is mór an díol-truaighe liom é a fhágáil mar tá sé in a chadhan aonraic thuas annsiúd. Bhí mé ag brath ar iarraidh air a thoidheacht annseo, ach ní móide gur mhaith leis corruighe]/ 'Sé díol na truaighe é, ní dhá roint leis é: dhá mharbhú fhéin annsin do Mh. agus dhá chlann. Is fiú dhó muise. Is beag é a bhuidheachas — feicfidh tú — ar ball. /[Is tú díol na truaighe a bhean bhocht, ach ní aireochaidh tú achar ar bith anois go mbí na gasúir — slán a bhéas siad ionchongantach. Dhá bhféadthá crochadoireacht leat go dtí sin, bheadh agad]/ Is díol-truaighe liomsa 'chuile dhuine a mbeidh an phian air, ó'n am a raibh sí orm féin / Nach hé an díol-náire é = údar náire. [Duine nó rud] / Is díol náire ceart é ag imeacht síos annsin síos ag ól agus ag caitheamh a chodach ar stucairí coirnéil, agus anshógh ar a bhean agus ar a chlann ins an mbaile /[Ní díol-náire go dtí í: sluagh-mhallacht an phobail a dhul uirre indiu. 'Sé a thuar sí di féin ag imeacht ag boithreoireacht ó oíche go maidin / Sin díol náire ceart anois an teach sin, agus a fhusacht dó gan a leigean i léig mar atá sé. Dhá gcuireadh sé scláta annseo agus annsiúd air 'léar (: de réir) mar a bhí siad ag tuitim, ní bheadh an bháisteach anuas ann as éadan anois]/ Is díol náire an chaoi a bhfuil an tír anois — gan damhsa gan siamsa gan eirghe-amach mara dteighidh tú chuig "hallannaí" na sagairt. [Níl ceann-ús ceann ar bith fanta ar shagairt anois. Tá siad ag fáil cead a gcomhairle féin ro-mhór]/ Ba díol náire a bheith ag breathnú orra, síos faoi chladaigh annsin anuiridh. Iad ag imeacht cho mí-chuí(bh)eamhail agus in a luighe ina srath radhachaí is 'chuile áit. [Má's siúd é an chaoi a bhfuil Baile Átha Cliath, nó má's iad na béasaí a fheiceas muid aca annseo a bhíos aca i mBaile Átha Cliath, diúltaigheamuide dhó]/ Is mór an díol náire é an rúisc de mhadadh

sin. Dair leat féin nach bhfuil sé ag fáil a leath-dhíol le n-ithe. Dá mbadh é an duine ba mheasa leat beo é, a bheadh istigh ins an teach, ní chomhnóchadh sé go leagadh sé a chrúib thuas ar an mbord. Sib fhéin a mhill idtosach é an uair a thug sib faisean dó a bheith ag tógáil giotaí aráin de chorr an bhuird / Ní díol náire ar bith an inghean muis le h-ais na máthar. Dhá bhfeictheá an mháthair annsin thiar ar shocraide Sh. Ph. N. Thuit sí isteach faoi'n gcorp le teann óil. /[Is díol náire í an tsráid sin mara gcartaidh sib í. Tá sean-latarnach shalach annsin amuigh agus má fhágtar ann í, is mór an aicíd í. Tholgfadh sí baile, ní áirighim teach / Ní díol náire dhuit chor ar bith iad. 'Siad an cleite is fhearr in do hata iad a mhic ó. An bhfuil tú ag séanadh an ghaoil? Nach bhfuil a fhios agad gurb shin iad an chuid eile dhíot fhéin / Is díol náire críochnuighthe na mná sin siar, ó thosuigh siad ag eirigh amach ar bhóithrí, ó oíche go maidin. Níl cuí(bh)eamhlacht ar bith dá bhfaca tú ariamh fanta ionnta — níl sin / Is díol náire do'n cheathramha (: cupla baile fearainn) an bhail a chuaidh ar an duine bocht sin, thíos annseo ar an mbóthar: é a rubáil agus gan snáth éadaigh a fhágáil thuas ar a chraiceann. Is diabhluidhe an t-iongantas nach bhfeicfeadh duine eicínt dhá dhéanamh é / Díol magaidh = dóigh mhagaidh = údar magaidh; an duine a mbeadh an ceann trom de'n mhagadh ag teacht air féin; nó an té a mbeithí ag magadh faoi / Tá faitíos orm gur tú féin díol an mhagaidh an "turn" seo, aindeoin a mbíonn dá fhonn ort fhéin a bheith ag magadh faoi 'chuile dhuine eile = tá tusa ag iarraidh a bheith ag magadh faoi dhaoine eile ach tá a leath fút féin an babhta seo]/ Cé hé díol an mhagaidh anois fiafruighim díot — tusa nó mise. D'fhéach tusa le dhul ag magadh fúmsa, ach sílimse gur mise atá ag magadh fútsa. Mar adubhairt an ceann eile: —

"Bíonn daoine ag magadh fúmsa an uair a bhainim an choirce glas
Ach bímse ag magadh fútha-san an uair a thuiteas an gráinne as"

Sin é a fhearacht agamsa agus agadsa anois é / Is iomdha duine a chuaidh ag magadh faoi sin, ach ba iad féin díol an mhagaidh as a dheireadh.

Bhuail M. bleid thíos annseo lá air. Is fada gur dhubhairt sé tada, ach an uair adubhairt chabáil sé M., agus chuir sé a raibh ann i lagrachaí (: gáirí) faoi. D'imigh leis annsin /[Chonnaic T. se'agaibhse i dteach ósta i mBaile Átha Cliath é an t-am a raibh T. thuas. Bhí sé seo thiar a bhí in éindigh leis ag rádh an "Droighneán Donn". Bhí beirt fhear thall ar a n-aghaidh — strainséaraí — ag ól. Thosuigh an P. ag flith-mhagadh: "Níl a fhios aca sin

céard atá muid a rádh ach an oiread le asail" adeir sé. D'ionntuigh fear aca ar an bhfear eile, agus arsa seisean de ghlan-Ghaedhilge: "i gC. a chuala mé an t-amhrán sin go deireannach." Arbh eisean nó iadsan díol an mhagaidh / 'Sé an díol magaidh is mó ins an tír é anois. Bhí sé an-chríonna, má b'fhíor dó féin agus níorb fhéidir imeartas air. Agus ba deacair a dhíol de bhean a thabhairt dó! Aindeoin an méid sin, rinne siad siúd nead in a chluais, nó gur bhuail siad air í: bean atá cho sean leis an gceo agus í caoch agus bacach, agus gan cianóig ruadh de spré aice. /[Is corónta an díol magaidh é. Níl aon-ghoir aige a dhul in áit ar bith nach mbíonn daoine ag caitheamh dairteachaí leis, nó ag cumadh dhó. Feicim go mbíonn na gasúir féin ag siocadh leis anois. / Is furasta dhuit díol mag -aidh a fháil má tá tú dhá thóruigheacht, thar agus a bheith ag saghdadh faoi'n sean-fhear bocht sin atá ins' an aois leanbuidhe. Má tá féin is beag an dochar dhó. An uair a bhéas tusa in a aois, b'fhéidir go mbeitheá fhéin in do dhíol magaidh freisin / An uair a bhí sé sin ag eirigh suas ní raibh aon-díol magaidh ins an tír a sháróchadh é. Cineál leath-phleota a bhí ann, agus áit ar bith dhá mbeadh sé d'fheicfeá plód cruinnighthe air. An áit a mbíonn an óinseach a deir siad, bíonn a cóisir ann. Sin é an chaoi a bhí air muis nó gur phós sé. Ach feacha an gna (: gno) a rinne sé ó shoin. Cuirfidh mé geall leat gur beag a fheicfeas tú bailighthe air anois … / Ba é díol magaidh na tíre é cho uain agus a mhair sé, an duine bocht. Céad slán do'n lá a raibh sé ag damhsa againn amuigh ins an scioból annseo amuigh, agus é siúráilte go mbadh í inghean Lord D. í. M. J. "Dance to you" adeireadh an pleib / Chuirfeá slat ar Éirinn agus ní bhfuightheá díol magaidh ba mhó ná Cáit Sh. "Tá fear aniar as an T. Bh. a bhfuil teach mór aige, ag teacht le mise a iarraidh" adeireadh sí. Déarfadh a mh'anam, agus dá mbeadh sagart an pharáiste i láthair. Gaothta críochnuighthe a bhí innte. Chuaidh sí go Meiriocá … / "Sé déanamh an mhagaidh díol an mhagaidh" = "'sé ábhar an mhagaidh déanamh an mhagaidh" = an té a bhéas ag magadh 'sé féin díol an mhagaidh (sean-fhocal agus an dá leagan air) / Nach diabhaltaí nach dtiubharfá iabh do do bhéal uair eicínt agus gan a bheith in do chlaibín muilinn mar sin. Ag magadh mar dhóigh dhe. Sin é an magadh mar siúd. Sé déanamh an mhagaidh díol an mhagaidh]/ Bhí sé annsin thíos an oíche cheana agus é ag iarraidh leota de pháipéar a ghreamú do dhruim S. B. Chinn air. As sin go ceann tamaill dheasuigh beirt de na gearrchaileadha suas leis, agus greamuigheadh

pictiúr taebh thiar air féin — an bhean dearg sin a mbíonn an "fag" ina béal aice. D'imigh leis soir ar fud an S. agus é air, hébrí céard ba chor dó soir. Níorbh fhearr liom leath-ghine buide ná gur cuireadh an méid sin de bhail air. 'Sé déanamh an mhagaidh díol an mhagaidh adeir siad / Bhí N. thuas oíche agus ní bheadh aon-sásamh aige ann mara dteightí ag caitheamh le M. — bhí sé imighthe síos tigh T. Faoi dheireadh thiar thall chuaidh muid síos ar chúla na h-aille, agus chaith muid cupla miaróg (: méaróg) le M. ach caitheadh cith le N. Bhí sé thíos ins an ngleainnín agus bhí caor-theinte dhá bhaint as an gclaidhe len ais. Ní raibh a dhul ar a chúl ná ar a aghaidh aige. Ní fhéadfadh sé a theacht aníos go dtí muide in aghaidh na gcloch, agus bhí M. taobh amuigh, agus é ag iarraidh a theacht thar claidhe go marbh-uigheadh sé é ar bhun an cúig déag. 'Ar ndú' sin é a raibh uainne. Ba é déanamh an mhagaidh díol an mhagaidh, an oíche sin ar chaoi ar bith]/ Chuaidh sé ag déanamh ballséire orm-sa oíche annseo, a ndeacha sé thart deireannach. Bhí sean-asal dubh agam an uair sin agus é thiar annsin thiar ingarrdha an bóthair. [Bhí sean-asal eile ag J. Th. ins an ngarrdha ó thuaidh. Sheol sé anuas é agus isteach in mo gharrdha-sa agus deir tú le céard a rinne sé, ach driobaill an dá asal a cheangal dhá chéile le píosa róipín. Marach gur eirigh lena h-asail a bheith an-tsean agus an-tsocair, diabhal mé go mbeadh an dá dhrioball tarraingthe amach ó'n dúid aca as a chéile ar maidin, mar chuir sé an ceangal cráidhte orra. D'fhan mar sin go ceann seacht-aine agus siar liom féin oíche agus níor chomhnuigh mé ariamh gur thug mé a chapall amach glan as an ngarrdha, agus as go bráth liom gur fhága mé thuas in éindigh le na caiple féaraigh ar chuid M. Ph. í. Rug mé ar bhromach réidh go leor, agus as go bráth liom anuas aríst gur fhága mé istigh thiar ins an ngarrdha aige, an áit a raibh an capall.

"Bailigheadh leat" anois arsa mise. Bhí cupla uair lae ann, feadh agus mé a bheith ins an mbaile. Ba é déanamh an mhagaidh díol an mhagaidh an mhaidin sin ar chaoi ar bith / 'Sé díol na trócaire é = is údar trócaire é; is mór an grádh-diadha soilgheas nó gar eicínt a dhéanamh dhó; tá sé in anchaoi]/ Is díol trócaire é = údar trócaire [deirtear díon trócaire freisin fc. díon deirce] / Níl aon-díol trócaire ann go dtí é. Thíos annsin ar shlata na Gaillimhe agus muirghín lag lúbach aige, agus gan buille maitheasa a dhéanamh le bliain mhóir fhada.

An mbeadh a fhios ag aonduine ó Dhia anuas cé'n chaoi a bhfuil sé dhá bharr

-uidheacht chor ar bith agus gan slí ná faghaltas ó Neamh aige. /[Is mór an díol trócaire na créatúir bhochta atá i Sasana agus na rudaí eile sin, ag tuitim orra 'chuile ré soluis. Deir siad nach bhfuil maith ar bith ins na teáltaí a bhíodh aca ar na báid aeir. Níl aireachtáil ar bith orra seo ag teacht go gcriogaidh siad thú d'aon-iarraidh / Ní díon trócaire go dtí an té a chaithfeas a dhul amach imbéal na ngunnaí sin agus iad ag loscadh; agus ag broimseáil. A Dhia láidir nach suarach an éadáil eirghe as do chodladh ar maidin agus na liagáin (: na "shells") sin ag dul faoi'n smut agad. B'fhearr liom aon-lá amháin a dhéanamh dhíom in éindigh! / Go bhféachaidh an t-Athair Síorruidhe orra, nach saothruighthe an greim aca é. Is mór an díon trócaire iad. Fuirgheacht calaidh orra thíos annsin le seachtain agus gan a fhios aca céard is cor dá muintir ins an mbaile. 'Sí beatha an ghirrfhiadha í beatha an iascaire. Má bíonn rud de bharr fáiteall na fairrge dar fiadh bíonn sé ceannuighthe go maith]/ Is mór an díon trócaire í thíos annsiúd, cruptha anuas ar an splaincín sin agus gan fód aice le cur in a ceann. Ba mhór an grádh-diadha do dhuine agaibh cupla cléibhín móna a chaitheamh thíos aice, nó préachfaidh sí ag buachailleacht na cupla aithinne úd / Is maith a rinne sé é, é a scaoileadh uaidh gan pighinn gan bonn. Go dtugaidh Dia trócaire dhó. Ní chuirfeadh aon-ghiúistís beo aon-cheo ar an dílleachta bocht údaidh. Is mór an díol trócaire é, an té a bhreathnóchadh isteach ceart ann. /[Tá S. Ó. D. annsin thoir anois in a dhíol trócaire cho mór agus atá ins an tír, agus gan é ag fáil faice — "dole", airgead páistí, pinsean caoch, ná nídh dhár dhealbh an ghrian — ach ag mianad-óireacht annsiúd idir dhá leic ag iarraidh cupla fata a shaothrú. Ach ní taise le fear ar bith istigh in a bhaile é. Níl slí do choise de thalamh aca frén a chéile. / Agus chroch siad an fear sin! Ba shin é an díol trócaire ba mhó aca uile go léir. Agus gan a fhios an ndearna sé ariamh é. Agus níl siad ag daoradh cuid mhaith eile, aindeoin gur furasta a aithinte gurb iad a dhéanas an choir. Fear Chiarruidhe sin cuirim igcás …]/ 'Sé díol na déirce é = is mór an díon déirce é = is díol déirce é [Deirtear "díon" in áit "díol" go rí-mhinic ins an bhfocal seo ach tá díol ann freisin] / Ba díon déirce liom é a fháil = ba bhuidhe bocht liom é a fháil = ní raibh tada agam, agus theastuigh an rud sin go géar uaim. Mara dtugtaí dhom é, is beag nach n-iarrfainn ina dhéirce é / Go dtugaidh an diabhal thairis é muis, gan díobháil gan dochar duinne. Ba díon déirce leis é a fháil an chéad-uair, ach anois ó atá a ghaisneas bainte aige as, agus é eirighthe as an lathaigh, níl aon-mheas aige

aige air. 'Ar ndú 'ar aon-chor dhíol sé an déirce ó a chuaidh sé ins an teach nuadh /[Tháinig sé isteach annseo lá ag iarraidh "bicycle" len a dhul Gaillimh. Ba díon déirce leis a fháil. Chuaidh sé annsin, agus bhris sé agus réab sé é agus d'imigh sé air gan aon-ghaoith a chur ann. Thug sé 'chuile dhroch-úsáide ba mheasa ná a chéile dhó. Agus barr ar an diabhal ar fad níor thug sé abhaile go ceann trí seachtainí é]/ Sin é a bhfuil de phosta aige agus ba díon déirce leis é sin féin a fháil. Tá mise ag ceapadh nach bhfuil foghluim ar bith air siúd. 'Ar ndú dhá mbeadh, d'eireochadh rud eicínt níos fhearr leis ná a bheith as cíonn bóithrí — rud atá 'chuile scráibín ins an tír a dhéanamh /[Is díon déirce liom "na Meiriocánaigh" féin a fháil, an uair a chinneas 'chuile sholáthar eile orm. Tá neart aca tharta freisin, ach mise i mbannaí nach mise ná thusa a gheobhas iad. Coinneochaidh siad sin dá nduine fhéin iad — do na daoine móra seo — póilíos, máistirí scoile, agus bossannaí bóthair. Fanadh béal na truaighe uatha / Rinne sé an oiread iarratais, agus é dhá eiteachtáil is 'chuile áit agus go mbadh díon déirce leis bean ar bith a fháil ins an deireadh, dhá mbadh inghean ceannuidhe "reaigeannaí" féin í. Shílfeá go raibh a dhóthain teacht i láthair ann muis, agus a dhíol bráigill air, le go mbeadh mná ins na cosa in áirde in a dhiaidh. Ach thug siad uiliog fuath dhó hébrí cé'n fáth a bhí leis / Chaith sé bliain ag tóruigheacht tighe agus é ag cinnt air aon-áit a fháil. Ba díon déirce leis faoi dheireadh thiar thall gur scaoil M. Ph. Mh. isteach é. Má tá sé daor féin, ní cás dó é teálta ar bith a bheith as a chionn, agus a dheacracht agus atá sé teach a fháil gan lán laidhre / Tháinig sé isteach chugam ag iarraidh a chodach. "Níl a fhios agam" arsa mise leis "an tusa nó mise díol na déirce. Beidh punt cruinnighthe agad-sa tratnóna, ach dhá gcuirinnse mo shúile ar chipíní, ní bhéarfainn ar phunt in imeacht míosa." Nach raibh an fhírinne agam? / Má tá tada le tabhairt uait agad, níl díol déirce ar bith ins an tír is mó ná mé féin. Ná caith do shean-treabhsar ná do shean-bhróga ag aon-cheannuide. Foghanfaidh siad domsa. Agus aon-phighneacha airgid a bhéas ar sliobarna agad, cuímnigh go bhfuil fear annseo ag béal an bhóthair a bhfuil scóig cho spalptha aige agus a bhí ag S. G. an lá ar chaith sé go trathnóna ag súimínteacht le aon-phionta amháin, cheal luach an darna ceann! / Is díol déirce baintreachaí agus dílleachtaí, ach ní feasach dom gur ceart a dhul ag caitheamh airgid ag daill agus gan aon-cheo daille orra ach an oiread liomsa nach bhfuil a dhath ariamh ar m'amharc míle buidheachas le Dia. Tá sé annseo thoir agus in é in ainm agus gan spré a

a bheith aige, agus 'séard a bhí sé a dhéanamh rómham an oíche cheana ag cur snátha agus snáthaid: snáthaid bheag nar léar dom an cró innte, mara bhfaghainn ó ló í …]/ 'Sí an inghin díol na déirce anois ar chaoi ar bith: fágtha istigh annsin ar an tráigh thirm, agus gan bonn spré le fáil aice. Dar príosta is gearr go mbeidh clann an dearbhráthra in araidheacht a bpósta iad féin / Dheamhan duine thiar annsin nach díol déirce; greamuighthe thuas annsin ar leiceann cnuic agus gan aon-talamh in Éirinn is maolscreamhaighe ná é. 'Siad is fhearr ar bith agus a bheith indon maireachtáil a dhéanamh ann. Ach 'ar ndú' níl siad ag déanamh aon-mhaireachtáil ann / Bhailigh siad an-phighinn bheag agus an phighinn mhór leo, agus níor fhága siad bonn bán ag an dearbhráthair. Tá sé annsiúd anois fágtha ar a thóin, agus é in a dhíol déirce. Ní tada eile é /

Is minic a leigeas béal na h-uaighe rud ag béal na truaighe: nó, leigeann béal na h-uaighe rud le béal na truaighe = ins an sean-fhocal seo scaithtí, cuirtear "díol na truaighe" i leabaidh "béal na truaighe" .i. leigeann béal na fuaighe rud le díol na truaighe

Díol mná:
"Naonbhar naoi n-uaire díol mná ruaidhe d'fhear
dháréag de na fir is fhearr díol mná duibhe
Agus aghaidh an tsluaigh ar an mbean bhán".

Díol: [díol = diabhal b'fhéidir ach an fhuaim Mhuimhneach air?]

Thug sé droch-dhíol cainte orm = díbliú, géaruidheacht, scaimhléaracht, maslú, íde / Thug sé 'chuile dhíol orm = 'chuile ainm thoir agus thiar; d'ionnsuigh sé mé ar 'chuile chaoi a bhféadfadh sé / Is beag an ghna a bheadh i Meiriocá aige, áit a dtiubharfaí 'chuile dhíol in Éirinn air, mara ndéanadh sé obair thairis siúd. Sin é an áit a bhfuil na "bossannaí" francuighthe / Níl aon díol in Éirinn nar thug an dochtúr ar a fear faoi nar chuir sé fios ní ba túisce air. "Má fhaghann sí bás anois" adeir sé, "bíodh a bás ort-sa. Diúltaighim-se í ar fad." Marach go ndeacha sé go bog agus go cruadh air, ní chuirfeadh sé láimh ar bith ínnte /[Is droch-bhodach é an sagart sin. Ní tada eile é. Teigheann sé ingeallta críochnuighthe le cruadhóig ola. Chuaidh mé siar aige an oíche a bhfuair B. — go ndéanaidh Dia trócaire uirre — bás. Bhí sé an-óg ins an oíche. Ba ar a chruadh-chúis dó a bheith an naoi a chlog. Níl aon-díol in Éirinn nar thug sé orm faoi nar tháinic mé níos túisce. "Ní raibh aon-ghoir agam air" adeirimse. "A dhath féin, ní raibh uirre trathnóna. Tinneas tobann é." Ach níor chlaon sé in a dheidh sin.]/ Dheamhan díol dhár chuala tú ariamh nachar thug an máistir ar an gceann se' againne an lá cheana, faoi nachar thug sé aon-mhóin ag an scoil fós. Ach dheamhan fód againn féin má's é is measa dhuinn. Tá cás againn ann go deimhin — é féin agus a chuid móna! /[Níl aon-díol ariamh dhár thug tincéara ar a bhean, nachar thug sé seo thuas ar an gcliamhain an lá faoi dheireadh. Thug sé "gaduidhe na gcruach" agus "giolla na bhfaochan" agus 'chuile shórt air. Tá an brochán dóirte anois agus beith "te te" ann sílim]/ Tá buille ins an mbéim ann fós cheapfainn, agus an díol a chuala mé é a thabhairt ar na P. an oíche cheana a raibh mé thiar ann ag iarraidh iasacht uird. Bhí se sínte ins an gclúid agus gan smeámh ann nó gur caintigheadh ar na P. Dhírigh sé aniar annsin, agus coinneal ann. A dhearbhráthair mo chroidhe thú, d'áitigh air … /[Má fhéachann tú le dhul isteach an tráth seo d'oíche, tá faitíos orm gur ag brughadh ar an doicheall a bhéas tú. Ní thiubharfaidh sé aon-deoch duit ach tiubharfaidh sé droch-dhíol cainte ort. Mar sin fan uaidh]/ Chuala mé go raibh C. Mh. agus bean Dh. in adhar a chochaill an lá faoi dheireadh. Bhí sé in a ropaireacht thar cionn aca, chuala mé. Thug bean Dh. chuile dhíol uirre. Níor fhág sí ceo ar bith sean-síothmálachaí dhá raibh ariamh ann, nár chas sí léithe. In a chéile dhóibh muis agus ná raibh suaímneas eatorra! /[Dhá gcloistheá é cupla bliain ó shoin. Níl aon-díol in Éirinn nach raibh sé a thabhairt ar Devalera

ingeall ar chupla dithreabhach de ghamhainín a bhí aige nach raibh dhá gceannacht. Anois níl aon-fhear ins an ruta seo is mó atá leis ná é, in áit a bhfuil sé ag fáil cúig nó sé de leathchorónachaí cloinne. Nach bac le duine ar bith a bhéas cho luath-intinneach leis an ngaoith mar sin. Ní samhaoine ar bith é. / Níl aon-díol faoin domhan nar thug sí orainn, scáth gamhain a dhul isteach i ngarrdha fataí annsin thuas uirre. Má chuaidh féin, ní dhearna sé aon-fhoghail: cupla sracadh le colbh. Is féidir len a cuid-sise an baile a mhilleadh agus níl caint ar bith air. Má tharr-aingigheann tú anuas aice é, níl ann ach nach fiú puintín bioráin é. Is mó an éisteacht a bhíos ag daoine thar a chéile! / Ní raibh ag duine ar bith a dhul ag éisteacht leis sin. Ag scaimhléar -acht agus ag tabhairt 'chuile dhíol is measa ná a chéile ar na daoine: sin é a bhuac. Ach an té a thiubharfas áirde air is measa é ná é féin]/ Ní raibh aon-sciolladóir ariamh annseo ionchurtha síos len a máthair sin. Sagart a bhí annseo thiar — seiplíneach — ní chuimhnighim cé'n t-ainm a bhí air — fuair sé caidéis di faoi fhanacht ó'n Aifreann. 'Ar ndú' dheamhan díol in Éirinn nar thug sí air. B'fhearr leis an sagart as a dheireadh sílim, nach gcuirfeadh sé chuice ná uaithe / Diúltaigheamuid dóib sin. Ná tarraing orainn aríst iad, ó atá siad suaímnighthe. Shíl sé féin mise a mharbhú cheana le iarraidh chorrán, agus 'ar ndú' dheamhan díol faoi'n domhan nar thug an bhean orainn. Bhíodh sí annseo amuigh 'chuile lá agus stiúir uirre ag cur di. Ní thugadh muid áird ar bith uirre. Nach raibh sé cho maith dhuinn. An té a thiubhar -fadh áird uirre, dhéanfadh sí ceann cho dona léithe féin dó / [Má chastar liom é Dé Domhnaigh, tiubhar -faidh mé 'chuile dhíol air faoi nar thug sé agam an pisín cuit a gheall sé dom. Tá an teach beo beithidheach le luchain. Ní fhágfaidh siad nídh dhar dhealbh an ghrian istigh faoi chaolachaí an tighe. Mara dteightear romhab (fuaim — rúb = rompa) go gairid / Níl cúntanás ar bith ag na cléireachaí "dole" sin d'aonduine. Thug mé páipéar isteach aca uair. Rug cléireach air. Bhreathnuigh sé air, ar éigin. Chaith sé uaidh, é agus bhuail sé cic air. Thug sé chuile dhíol orm an uair nach dtáinig mé isteach aige an lá roimhe sin leis. Agus gan dlúthas ar bith leis an bpáipéar go ceann míosa dá dtogruighinn é!]/

Dod = ainm-fhocal, fireann, geineamhnach = doid

Dod = taghd, fearg, contráilteacht, gruaim, do-shástacht, anacracht; mí-shuaimhneas, cuthach, buile, ag cur a chosa uaidh (uait agus rl.), stainc, stuaic.

Tá dod air = taghd, fearg, stainc nó mí-shuaimhneas / Shílfeá go bhfuil dod uirre seo istigh anocht. Má tá féin is minic léithe / Is furasta dod a chur air. An rud is fánaighe ar bith feicfidh tú ag gabhail ins na fraghachaí é /[Is suarach an t-iongnadh dod a theacht air, agus aos óg an dá bhaile ag rith indiaidh na h-inghine air tímpeall na h-iothlann. Nach shin e a dhíol údar doid a dhuine sin.]/ Is beag de'n dod sin a bheadh ag imeacht leis dhá bhfaghadh sé a dhíol tobac, ach tá easbaidh an tobac indon dod a chur ar dhuine ar bith /[Is beag an dod a bheadh uirre dá bhfeicead sí fear an tseaicéid ghuirm ag teacht aniar an t-árd. Deirimse leat gur maith geal-gháireach a bheadh sí annsin]/ M'anam muise nach dochar ar bith eisean — gur mó an dod an bhean go fada. Sin í atá go h-olc dá mbaintí aisti é, agus gan é a bhaint aisti chor ar bith scaithtí. / Tháinic dod air, ach ba ghearr a mhair sé an uair a cheartuigh mé mo scéal dó. Sin é an sórt duine é. Tá sé dubh-thobann. / 'Sé an dod céadna i gcomhnuí aice é. Ní mórán tsiocair atá uaithe. Tá guibín beag gangaideach uirre annsiúd ag tabhairt aire do'n splainc, faitíos a ngoidfí uaithe í / Cá'id' ó thosuigh an dod beag sin dá bhualadh. Dar mo choinsias teagann daolanna móra ann le goirid /

Tá sí le dod = tá dod uirre. (Is coitiannta "tá sí le dod" ná "tá dod uirre") / Tá sí seo thuas le dod arís shílfeá. Easbaidh an bhraoinín chruaidh atá uirre measaim /[Bhí a chapall le dod thiar annseo. Sin ropaire ceart atá aige. Neart bóthair agus bata nar mhór di siúd [capall a bheith le dod = í a bheith ag stealladh] / Aon-chapall a fheiceas tusa le dod mar sin, níl le déanamh léithe ach a cuibhriú istigh agus neart ocrais agus rúscadha a thabhairt di. Suaimneochaidh sin í / Is gearr (: geall) le capall a bheadh le dod í, cé's múite (: moite) nach bhfuil sí ag stealladh. Ach ní le cuíbheamhlacht nach bhfuil sí dhá dhéanamh sin féin / Tá an bhó ag dul le dod = ag gabhail le buile; ag cur a cosa uaithe / Thosuigh an bhó ag gabhail le dod, agus ní bhlighfinn deoir bhainne uaithe marach gur fháisc mé buarach uirre / Bhí an capall sin an-tsásta i dtosach ach bíonn sí ag gabhail le dod le goirid anuas, má chloiseann sí torann ar bith. An meaisín buailte a chuir an bhail sin uirre. Bhain sé geit aisti lá annsin thuas ar an mbóithrín / Má

thosuigheann an raibiléara de chapall siúd ag gabhail le dod, meastú ab é an sramachainín siúd atá indon a cheannsú. Ní cheannsóchadh muis, ná uan a bheadh th'éis a bhreithe]/ Thosuigh sí ag gabhail le dod annseo aréir, an uair nach leigfí siar amach ag céilidhe í. Ba dheas an tabhairt a bhí sí ag iarraidh a chur uirre féin — sé mhíle bealaigh — agus ag teacht abhaile annsin le goirm na gcoileach /.

dodaighil: ainm-fhocal; buineann.
dodaighil: stainceamhlacht, contráilteacht, gruamántacht, do-shástacht.
[Is cinnte mar ghníomh agus is aibéisighe é "dod" ná "dodaighil". "Bheadh capall ag gabhail le dod" an uair a bheadh sí ag eirghe in áirde agus ag stealladh, ach d'fhéadfadh sí gan a bheith cho dona sin le "dodaighil"]. Shílfeá go bhfuil dodaighil innte. Níor mhian léithe mé a leigean in a goire len a bleaghan idtosach nó go dtug mé cupla failm di a shuaimhnigh í. Ní cheannóchadh muide í gan marach eicínt a bheith uirre. Tá an smál sin orainn i gcomhnuí. Bhí, 'chuile lá ariamh / Má theigheann sí chun dodaighil 'ort, ná bac leis an mbuarach ach buail cupla criogaide aniar ar an dromán uirre, agus b'fhéidir go gcuirfeadh sin 'un míneadais í. Mara gcuiridh fág annsin í go trathnóna, gan tada le n-ithe, agus b'fhéidir go múinfeadh an t-ocras í / Bhí dubh-dhodaighil uirre anocht. Thug sí cic do'n tsoitheach agus chuir sí in aer é. B'éigin dom an bhuarach a chur uirre annsin, nó ní fhéadfainn sdriog a thabhairt uaithe. Is cailín críochnuighthe í. /[Leig de do chuid dodaighle anois a raibiléara nó beidh rud ar a shon agad … Ó a dhiabhail áluinn an ceaintín bainne dóirtthe aice. Is mór an carghas é, th'éis m'anró. Diabhlánach ceart í, go maithidh Dia dhom é! / Nach diabhlaí an dodaighil a bhíos orra thar agus beithidhigh na tíre. Feicimse ar fud an bhaile iad agus dheamhan cruadhóg buarach a bhí ariamh dóib. Bíonn a gcuid beithidheach breagh sásta i gcomhnuí. Ach ní choinneochadh R. na rópaí bhuaraigh leis an teach seo. / Má fheiceann tú aon-rún aice a dhul ar dhodaighil, ceangail scóthach a driobaill dá h-ioscaid, agus feicfidh tú féin air go bhfuighidh tú bainne uaithe mar sin. Sin é a ghníos muid féin léithe ach ní bhfuair muid anró ar bith uaithe le fada / Dodaighil an óil a bhí air. Ní chuímneochaidh sé ar a dhath dhó (: de) sin ambáireach. Bíonn a dhonacht fhéin ins an ól, agus ní mara chéile a theigheas sé do 'chuile dhuine]/ Dar príosta muise bhí fear in aice liomsa, agus dodaighil dhá bhualadh cho maith le duine. Chuir mé féin aithne air uair nó dhó stuaim a choinneál ar an bhfoighid, ach marach cho h-eascaidh agus a stopadh an scliúchas, bheadh sé istigh in a cheart-lár /.

dodach: aidiacht as "dod"; do-bhriathar.
dodach = taghdach feargach, stainceamhail agus rl.

Bó dhodach í = bó a bheadh ag gabhail le cuthach nó ag ciceáil, agus a dhoirtfeadh an bainne mara gcuirtí buarach nó speir uirre, nó scóthach a driobaill a cheangal dá h-ioscaid / Tháilfeadh sí ceart go leor, ach 'sí an bhó is dodaighe a chonnaic tú ariamh í. Níl ceart ar bith le baint di mara gcaithtear gabhail aice / Tá an gearr-chaile sin dodach. Má mhaireann di, ní bheidh sé an-éascaidh ag buachaill óg a dhul ag dréim léithe, ach casfar cinnire eicínt leis an aimsir uirre, a cheann-sóchas í, feicfidh tú féin air / Duine dodach go leor é scaithtí = gruamánta, bun-fheargach go leor /[Má tá an capall cho dodach sin, ní f'lár cinnire níos fhearr ná thusa in a h-éadan. Cé'n t-eolus atá agadsa ar chaiple cé's moite de'n chupla geábh sin a thug tú G. leis an sean-ghearrán, agus 'ar ndú dheamhan cor a dhéanfadh sí sin, dhá mbeadh gunna mór ag pléascadh ina cluais / Sagart sáthach dodach é indomhnach mara bhfaghaidh sé a chuid ceart. D'árduigh sé an tuarastal orainn anuraidh, agus bhí cuid aca a chuir taobh leis an sean-rud é, agus 'sé a bhí musánach orra. Bhagair sé a léigheamh ó'n altóir, ach níor léigh in a dheidh sin. Níor bheag dóib ar thug sé de scaimhléaracht dóibh thairis]/

dodaire: ainm-fhocal, fireann. [sdodaire amanntaí]
dodaire = duine a bheadh dodach; duine gruama; duine stainceamhail; bundún, strachaille.

'Sé an dodaire é a mhic ó! An uair adubhairt mé leis nach raibh' aon-ghualach agam, spréach sé. "Cé'n chiall duit a theacht annseo d'fhuireasbhaidh gualaighe" arsa seisean. "Nach bhfuil a fhios agad an sórt saoghal atá ann. Is beag a bhéarfadh orm gan crudh ar bith a dhéanamh duit, ach thú a leigean abhaile mar a tháinic tú. Chomhairleochadh sin aríst thú /[Níl sé éascaidh dodaire mná a fháil a chinnfeadh uirre. Bhuailfeá isteach go dtí í amanntaí agus ní fhanfadh focal de'n chaint aice. Ní h-eadh, ach dá n-abr(uig)theá tada nach dtaithneochadh léithe is maith gasta a chuirfeadh sí in do thost thú. Ní thaobhuighim féin chor ar bith anois í. / Dodaire í an mháistreás óg sin ann sílim. Is furasta aithinte uirre é. Tá an chuid eile aca fáilidhe go leor, ach ní bheannóchadh sí sin duit scaithtí. Tá sí ag leagan ar na malraigh beaga go binn freisin. Diabhal mé nar mhiste le duine faoi ghriosáil, ach marbhuigheann sise iad ó mhaidin go faoithin / Dodaire d'fhear é sin anois atá ar an mbus. Mara mbeidh do chuid airgid i gcúl do ghlaice

agad dó, agus a shíneadh chuige ar an bpuínte boise, 'sé a bhíos cantalach. Bhí sé ag dul ag cur S. Sh. Sh. bog te amach as an mbus an lá cheana, in áit a raibh sé ag cinneamhaint dubh agus dubh air a láimh a chur in a phóca ag an mbrughadh. Thug S. Sh. Sh. a dhubhshlán. "Is córa dhuit go mór a gcoinneál dó" adeir sé, "agus gan muid a bheith annseo mar a bheadh 'matcheannaí' i mboiscín"]/ Dodaire de bhó í. Tá dhá chuid dhá cuid bainne ag dul amú de bharr go ndóirteann sí i gcomhnuí é. Slabhra nar mhór di in omós buaraighe. Ní choinneochadh tada eile í / Déarfainn gur dodaire maith í an múille sin ag T. Ch. Ach chreidim gurb annamh le múille gan a bheith in a dodaire. Bhíodh ceann agamsa annseo fadó agus b'éigin dom a díol. An uair a bhuailfeadh an daol sin í, ní bheadh a fhios agad cá gcomhnóchadh sí leat féin ná leis an gcarr. Tá daoine ann a bhaineas ceart maith díob, ach má tá ní mise é /

dodaireacht [sdodaireacht amanntaí — s sciorrthach ann]. Ainm-fhocal, ainm-bhriathar dodaireacht, sdodaireacht = briotaireacht, tutaíl nó mungailt chainte de bharr feirge nó dodaighle; an chaint ghann bhriste a bhíos ag fear corruighthe. Tugtar scaithtí freisin é ar an gcaint leathnuighthe anróitigh a bhíos ag duine agus é ar meisce.

Bhí sé ag dodaireacht agus ag dodaireacht, agus ní bheadh a fhios agad beirthe beo ná baistighe céard a bhí sé a rádh len a raibh de thaghd air. "Glac staidéar" arsa mise "agus cuir do chuid cainte indiaidh a chéile ceart go mbeidh a fhios ag na daoine céard atá tú a rádh; nó céard atá ort. [Dheamhan a fhios ag aonduine annseo ó bhonnaidheachaí an diabhail mhóir céard is cor do do shean-bhicycle. 'Ar ndú ní ag ceapadh atá tú gur leag aonduine annseo láimh air. Níor leag muise ach an oiread agus a leag tú féin / Bhí dodaireacht an tsaoghail mhóir aige ins an gcúinne, ach níor raibh duine ar bith ag féadachtail a dhéanamh amach céard a bhí sé a rádh; leis an meacan uilc a bhí ann. Níor mhóide gurbh fhearr dhó féin go bhféadfadh. Bhí an teach buille anglánta agus gheobhadh duine faoi na foraí an-éascaidh é / Sin é an bhail a bhíos air sin i gcomhnuí an uair a chuirtear aon-mhúisiam air: ag dodaireacht leis mar sin, agus gan focal as 'chuile dheich bhfocal le tuisgint uaidh … Bhí sé le báinidh ceart anocht muis. Ná bac le uair ar bith a bhfeicfidh tú an sruth pislíní leis. Bí ar do shon fhéin an uair sin /[Cé'n sort sdodaireacht' í siúd a bhí air. An ar meisce a bhí sé nó an duine eicínt a chuir snaoim (: snaidhm) ar a theanga, le go raibh sé ar an gcaoi siúd … Fearg! Cé'n t-údar feirge a bhí aige!]/

Dubhshlán: ainm-fhocal; fireann; iolraidh — dubhshláin.
Dubhshlán = caismirt; gan beann a bheith agad ar dhuine; a bheith ar bheag-bheann le duine; fuagra nó gairm a chur ar dhuine nach raibh aon-fhaitíos agad roimh a dhicheall, neamh-faitíos; cuireadh comhraice; dásacht; le teann fórsa; go h-uathbhasach.
le strócántacht.
[Fuaim = dú-lán].

Thug sé mo dhubhshlán = chuir sé caismirt throda orm; dubhairt sé nach raibh aon-ghoir agam a bheith indon aige i dtroid, nó nach raibh mé indon a ghníomh-seisean a dhéanamh, nó nach raibh mé indon an rud a bhí mé a rádh a dhéanamh / Thug mé a dhubhslán, agus an uair a thug, chlaon sé. Ara, níl seadh ná seoladh annsiúd, ach go mbíonn an ghaisce bheag sin aige go dteighidh duine ins an gceann sin leis. Ach a dteighidh, buaileann scáth é, agus tarraingeann sé as /[Tabhair a dhubhshlán go bhfeic -idh muid céard a dhéanfas sé. Má's fear é annsin ní leigfidh sé leat é / Meas tú an bhfuil claonadh aige siúd ó dhuine ar bith — is cuma cé hé féin. Bhuel bíodh a fhios agad nach bhfuil. Má sé sagart an phobail é thug sé a dhubhshlán cheana, agus dheamhan araoid a chuir an sagart air ó shoin. Fear francuighthe ceart é / Thiubharfadh sé siúd dubhshlán an tseairsint féin, dhá gcaitheadh sé ina cheann é. Is air nach mbeadh an mhoill. Chonnaic mé ag tabhairt dubhshláin an phóilí ruaidh é annsin thoir lá aonaigh. D'iarr sé ar a dhul abhaile, agus thug sé a dhubhshlán é a chur abhaile. Dheamhan tréas ná a dhath a chuaidh air faoi / Níl a dhóthain guis ann! Níl b'fhéidir. Is maith atá sé sáthach gusamhail le dubhshlán a mháthar a thabhairt uair ar bith dhá mbagruigheann sí air. Is beag dhá chuid cluanuidheacht' sin an tseafóid bheag sin / Diabhal easna dhi nar thug dubhshlán an ghiúistís istigh ins an gcúirt. Tháinig dath na n-uibheachaí lobhtha ar an ngiúistís. "Punt eile uirre sin" adeir sé, an uair a tháinig a chuid cainte dhó. Ní raibh sé ach ag borradh léithe, a dhearbh -ráthair mo chroidhe. Thug sí a dhubhshlán in athuair. "Dúblóchaidh mé anois é" adeir an giúistis. "Dhá phunt eile ar an mbean sin." Narbh shin í an raicleach agad]/ Chreidim go dtiubharfá mo dhubhshlán dhá bhféadthá. Is beag a bhéarfadh ort a dhéanamh … Tabhair anois feiceamuist. M'anam má thugann go mbeidh léarsachaí (: léasrachaí) ar do mhásaí go ceann míosa de mo bharr-sa / D'eirigh sé suas in a stuithneachán i lár an tighe agus thug sé dubhslán a raibh i láthair é a chur amach. "Is dona a fríothadh sib" adeir sé "má tá faitíos ag lán tighe roimh fhear amháin." Diabhal an deoruidhe féin a chorruigh in a dheidh sin / Is beag a bhéarfadh orm a dhubhshlán a thabhairt marach leisce a dhul ins an gceann sin leis. Dheamhan loiceadh ar bith agam uaidh má theigheann sé ar achrann, ach níl buille

ar bith a chinnfeadh ar an mbuille réidh. / Chuir sé soipín luiche eadrainn, agus thoisigh sé dhár saghdadh ag iarraidh orainn smugairle a chaitheamh thar an soipín. Bhí muid fhéin in ar bpleibeanna cho mór an uair sin agus go raibh muid aige ar sheol na braiche. Annsin chuir sé faoi ndeara dhúinn dubhshlán a chéile a thabhairt, agus na dornaí a thomhais le chéile. Ba ghearr, mo léan, go raibh sé ina Chath na bPunann. Ní raibh splanc chéille againn an uair sin. Ach bhí breathas eicínt airsean. Mhairfeadh sé go deo ar an gceird sin /[Thug sé dubhshlán athar agus máthar, agus ghread leis annsin / Ní beo é gan a bheith ag tabhairt dubhshlán duine eicínt / Sin é an dubhshlán a thiubharfas sé sin i gcomhnuí — rith. Ach is fearr rith maith ná droch-sheasamh adeir siad / Bhí dubhshlán a chéile tugtha aca, agus marach go ndearnadh eadarascán bheadh bualadh ann / Is furasta leis an bhfear taghdach dubhshlán duine a thabhairt, ach is fusa go mór an dubhshlán a thabhairt ná cur leis / Sin é an dubhshlán ach an bhfuil a chur leis ionnad anois? / Is dubhshlán dona atá aige. Ach níor bheo é mara mbeadh sé ag gleo agus ag bruighin mar sin. Ní fiú le duine ar bith a láimh a shalú leis. Marach sin is fadó an lá a bheadh sé marbh / Is beag an bheann atá agamsa ar a dhubhshlán. Oibrigheadh sé leis. Níl a fhios fós cé a phógfas Máire mar a deir an ceann eile. / Is dubhshlán é a mh'anam nach bhféadfadh duine a leigean thairis dá mbeadh fuil ar bith ann / Ní bhíonn mórán de bharr an dubhshláin scaithtí ach mailí gearrtha agus dlighe agus clampar. 'Séard ab fhearr do dhuine a bhealach a dhéan -amh, agus gan áird a thabhairt ar leath dá gcuirfidh araoid air. Ba é an chaoi ba suaímnighe é ins an deireadh]/

Do dhubhshlán feiceamuist! = Tá mé ag tabhairt do dhubhshláin; tá mé ag cur chaismirte ort; déan é anois má tá tú i riocht; I defy you; I challenge you! / Do dhubhshlán anois leag láimh air! Má leagann íocfaidh tú ann. Diabhal bréag nach n-íocfaidh / Do dhubhshlán leag méirín fhliuch orm. Má leagainns (: leagair) beidh rud ar a shon agad. Ní h-ionann mise agus P. B. agad. Ní leigimse mo chuid fola le fear ar bith / A dhubhshlán déanadh! M'anam nach ndéanfaidh, ná nach bhfuil cuímne ar bith aige air, ná dá mbeadh féin go gcinnfeadh air a dhéanamh go naomhtaí é / A dubhshlán anois fear a fháil. Tá sí fágtha ar an tráigh thirm annsiúd / A ndubhshlán abruighidís leis é. Siúd é an bitheamhnach céadna nach n-abróchaidh siad tada leis, ná nach leigfeadh an faitíos dóib a rádh / Dubh-shlán an tsagairt cur faoi ndeara dó siúd a dhul chuig an Aifreann. Ó a chaith sé in a cheann fanacht as, tá sé fánach a bheith ag gabhail

dó. / "Dubhshlán feara(bh) Éireann gur bréag atá mé a rádh" (: líne as amhrán)
"Each caol dubh agus a h-aghaidh ins an sruth agus dubhshlán feara
Éireann a dhul i gcois dhá leith ar a cruit" (: Tomhais: eascon) /[Do
dhubhshlán go ndiúilfidh uan an uair a bhéas tú dhá chur ag diúl — m'an-
am nach ndiúilfidh / Dubhshlán feara Éireann locht a fháil ar an teach
sin anois. Tá sé ar deil. Níl a dhuth ná a dhath thuas ar a chorp nach mé
fein a dhion (: déan)]/ Mo dhubhshlánsa a fháil ach aon-mhámh amháin
i gcomhnuí, agus tá dó beag muileata in a leannán agam. 'Chuile uair le
cúig uaire 'sé an aghaidh glaice a bhí agam é / Do dhubhshlán-sa fagh a mhac-
samhail eile sin. Chuirfeá slat ar Éirinn agus ní bhfuightheá a mhacsamhail / A
ndubhshlán breith ar an bhfear a rinne é sin. Dheamhan é dhá gcuiridís
a súile ar chipíní / Mo dhubhshlán tangachtail (: teangmhachtáil) leis
sin. Má thanguighim déanfaidh sé mo lá / Dubhshlán an bhaile seo a dhul
suas annsin ag baint mhóna, mara bhfuil siad sásta smíochadh a dhéanamh.
Má tá bainfidh siad móin ann /[Dubhshlán a bhfuil "d'engineers" inGaillimh
teach a leagan amach cho maith leis siúd / Dubhshlán a bhfuil de phóilíos
ar an T. é siúd a thógáil, mara dteighidh sé féin leo as réidhteach /
Dubhshlán an dá shleaghdóir is fhearr ar do bhaile an oiread móna a bhaint
leis lá / Dubhshlán Mhac Ph. Dh. a bheith in a scoláire cho maith le S. se'agaibhse
th'éis a bhfuil d'aois aige air / Dubhshlán do bhaile a bheith cho maith leis an
áit siúd. Is fhearr acra de'n áit siúd ná a bhfuil istigh ar do bhaile frén
a chéile / Do dhubhslán anois fuascail í. Is iomdha duine ar chuir mé an cheist
sin air agus níor fhuascail duine ar bith dhom í]/ Buail anois do dhubhshlán. Is cailleach
thú in a dheidh sin / Teigheadh sé ann anois, a dhubhshlán. Mo léan ní ghabhfaidh /
Déanadh sé, a dhubhshlán. Ní dhéanfadh go n-itheadh sé é /[Baineadh sí leis an
malrach sin anois, a dubhshlán. Má bhaineann rachaidh mise soir de mhaol mo mhainge
go dtí an póilí go bhfuagruighidh mé í / Dubhshlán a raibh ag an damhsa é a
chur amach / Ní bhainfidh tú é. 'Sé do dhubhshlán é anois. Bhí sé cho maith dhuit
a bheith ag caitheamh dairteacha leis an ngealaigh le bheith ag féachtáil leis /
Ól thusa trí phionta pórtair indiaidh a chéile de ghort an gharta. 'Sé do
dhubhshlán é = níl tú indon a dhéanta / Tugadh seisean gaoth di
anois mar sin. 'Sé a dhubhshlán é. Ní bhíonn aon-chíos ar an gcaint a mhic
ó! / Chonnaic mise é ag tógáil gró mór mar sin i súil a dhá láimh, agus ag
cur a ingne mar sin faoin a dhrad, agus caitheamh an ghró thar chúl a cinn
gan a ordóga a bhaint as a bhéal. Ba é dubhshlán a raibh ann é a

é a dhéanamh, aindeoin go raibh fir a raibh meas aca orra féin ann]/ Ba é dubhshlán a raibh thart annseo ariamh an léim sin a bhualadh amach. Féach thusa thú féin léithe anois, má tá aon-mheas agad ort féin / Chuir sé an dorus isteach as dubhshlán (: "le dubhshlán" amanntaí, ach is coit-iannta an leagan eile) = chuir sé isteach le teann fórsa nó nirt é; chuir sé dhá lúdrachaí é. /[Tháinic sé isteach chuig an damhsa as dubhshlán = de'n bhuidheachas; níor féadadh a choinneál amach, níor íoc sé; "gate crashing" / Cuirfidh sé siúd suas iad as dubhshlán. Ná bac le clocha cinneamhaint air siúd / Tá sé ag cur fhataí as dubhshlán = níl sé ag glacadh ionbhadha ná staidéir ar bith leis féin, ach ag dubhachan leis go h-uathbhásach, agus bacainn nó triomp-án ar bith dá bhfuil air, a chur as a bhealach go dásachtach / 'Sé an chaoi a mbíonn sé le 'chuile obair: a ghabhail di as dubhshlán. Déanann sé creachlaois, ach bíonn sí gan mórán slacht / Chuaidh an bhó dhá báthadh i sean-bhoglach atá ann ach chuaidh sé fúithe as dubhshlán agus chuir sé aníos as í. Ach níl cnáimh ag gabhail léithe nach bhfuil as a riocht déarfainn / Glac staidéar anois! Ní chuirfidh tú as choidhchin as dubhshlán í. Stúaim a dhéanfas é. Is fhearr stuaim ná neart a deir siad / Sé'n chaoi a ndearnadh na sean-bhallaí sin uiliog fadó as dubhshlán. Chuiridís gruadháin mhóra ionnta, agus gan iad ag luighe le chéile chor ar bith. Ach ba chuma sin leo, 'fhad agus a bheadh balla láidir aca. Ar ndú' níl cinneadh go deo le cuid de na clocha a d'fheicfeá ins na ballaí fuara sin. Ní bhíonn saoirsinn ar bith orra, ach putráil ar bith go bhfanaidís in a seasamh / Ní raibh an fuisce ag teacht leis, ach chuaidh sé dhá ól as dubhshlán in a dheidh sin. Fhobair gur ghiorruigh sé leis = bhí an fuisce ag dul in a aghaidh, ach d'ól sé é, aindeoin sin. Chuir sé faoi ndeara dhó féin é a ól / Scoiltfidh sé siúd a bhfuil de chlocha ann as dubhshlán. Beidh cat agus dá rioball déanta aige annsiúd sul á aireochas na daoine é / Tá sé ag déanamh cró as dubhshlán ann = cró a bhéas an-láidir, ach nach mbeidh ro-shlachtar agus gur mó an neart ná an stuaim a chaithfí leis]/ Tá sé ag baint mhóna as dubhshlán. As dubh-shlán muise atá sé ag baint na bportach siúd. Tá siad an-deacair le "feoil chapaill". / Chinnfeadh orainn an capall a chur isteach ins an scioból chor ar bith, marach gur cuireadh isteach as dubhshlán í. Ó a baineadh an gheit aisti annsin, ní mian léithe a dhul isteach ann beag ná mór / Níl sí le coinneál as anois ach as dubhshlán, ó a fuair sí a bhlas chor ar bith. Ba mhór ab fhiú do na daoine dhá mbeadh sí díolta as an mbealach /

Dubhshlánach: aidiacht as "dubhshlán"; do-bhriathar.

Dubhshlánach = dásachtach; díbheirgeach; daingean, láidir; tacamhail; tugtha do spreacamh nó do neart a chur igcion; tugtha d'obair a dhéanamh le teann fórsa; trodamhail, coilgneach.

Ná bí dubhshlánach leis = trodamhail, tugtha dá bheith ag cur achrainn ar dhaoine, nó ag tabhairt a ndubhshláin [Ach níl an chiall seo leath cho coitiannta anois i gcaint le na corannaí eile a baintear as an bhfocal]
Bhí sé dubhshlánach go leor liom. Bhagair mé air faoi dheire agus faoi dhó (: dheoidh ?) go dtiubharfainn an póilí ann, agus sin é an uair a leig sé ins an gcas-án mé / Bhí sé an-dubhshlánach len a chuid máistirí. Ní ghéilleadh sé dóib faoi rud ar bith. Bhí a shliocht air. Cuireadh díbirt air as deireadh na cúise /[Is diabhluidhe dubhshlánach a bhí sé leis an sagart má thairg sé a dhul dhá bhualadh. Is duine sé nó seachráin a dhéanfadh an cleas sin. / Dorus dubhshlánach é. Chaithfeadh sé gurbh eadh agus seisear againn ar feadh leath-uaire ag iarraidh é a chur dá lúdrachaí, agus gur chinn sé orainn / Tá an bruimfhéar seo an-dubhshlánach. Do cheann finne ní thiubharfadh as an talamh é. / Dá mbeadh sé cho dubhshlánach le balla an phríosúin, cuirfidh sé siúd in aer é, len a cuid gróití agus geanntrachaí. / Tá na sean-bhallaí sin uiliog dubhshlánach. D'eireochadh dhóib agus an déanamh atá orra / Tá giodáin den phortach seo an-dubhshlánach. Dheamh -an ceo ar bith ach nach lúbann sí an sleaghan / Má bhíonn airgead annsin ins an oíche; chuirfinnse geall go bhfuil doirse dubhshlánach' air. Níor mhór dhó sin agus a bhfuil de chneamhairí ag streilleachas thart annsiúd / Níor facthas ó rugadh an chéad-fhear aon-ghlas ba dubhshlánaighe ná é. Bhí trí bhaint air agus chuile bholta aca cho mór le do láimh. Nach diabhaltaí a bhain siad é in a dheidh é. Níl rud ar bith ag dul ó chuid de na daoine. / Cuirfidh mise mo rogha geall leat muise go mbeidh an "German" sáthach dubhshlánach ach a dteannaidh siad isteach in a chraiceann. Nach bhfuil a fhios agad go maith nach bhfuil an buachaill sin ar a mhine-ghéire chor ar bith fós / Tá claidhe ar an bPairc Gh. anois aige cho dubhshlánach leis an Maginot Line. Rud ar bith atá istigh tá sé cuibhrighthe, agus rud ar bith atá amuigh fanfaidh sé amuigh.]/ Ab é Claidhe na Muice Duibhe atá sé a dhéanamh thoir annseo le seachtain, nó cé l'aghaidh a bhfuil sé chor ar bith aige. 'Ar ndú a Dhia láidir tá sé siúd

cho dubhshlánach agus narbh f'lár báid aeir Mheiriocá len a chur ar lár /
Tá dris dhubhslánach annseo, agus nó go gcuirtear in aer í níl aon-ghoir
againn a dhul in éadan béal na brocaighe / Anois do chrainnín cho
beag leis, nach dubhshlánach atá sé i dtalamh. Ní bhainfeadh an
deabhac féin as na fréamhrachaí é / Ná teirigh in a dhiaidh ro-dhubhshlán
-ach a Spotín! = mar dhóigh dhe go raibh an madadh ro-dhian nó ro-
choiligneach in a dhiaidh (: indiaidh cait). B'fhearr leis an té a chaith
an chaint go ndéanfadh sé ní ba réidhche dhá dhíbirt / Níl aon-ghoir
aige ar mhadraí an tsléibhe in a dheidh sin. Dhá mbeadh sé sáthach oilte
ní ghabhfadh sé indiaidh beithidheach cho déan (: dian) cho dubhshlánach agus a
theigheas sé. Cuir suas seal ag an M. é agus cuirfidh mé geall leat go
múinfidh sé sin é /[Ní fhéadfadh an capall bocht a athrú a dhéanamh. Teigheann
sé di ro-dhubhshlánach. 'Ar ndú' capall cineálta féin scanróchadh an
cheird siúd í / Chuaidh sé an-dubhshlánach do'n gharrdha ach níor mhór do sin
agus cho crosta agus a bhí sé. Dar fiadh tá stócáil mhór déanta anois aige.
Má fhaghann sé geimhreadh eile air, beidh sé in araidheacht a chur ar fad /
Fir dhubhshlánacha a mhic ó! Déanfaidh siad deargadh feicfidh tú, an
tseachtain seo. Ach ní mór dóibh sin ar shon an cheann atá ann.
Dheamhan an mbeadh "píosa" fataí fóduighthe ráithe aige agus fágtar
fhaoi féin é / 'Sé an chaoi chéadna a bhfuil sé leis an tuigheadóir
-eacht a bhfuil sé leis an gcaoladóireacht — a cur go dubhshlánach.
Is cuma leis beirthe cé'n phutráil cur a thiubharfas sé di, ach
a brughadh isteach in a slamannaí diabhaltacha, agus stróic mhór
a bhaint de'n teach 'chuile lá / Thosuigh ceathar againne cheana lá
Nodlag ar ghalún fuisce poitín — mé féin agus P. agus S. Sh. Ph. agus L. Sh. P.
agus ní raibh deoir ann ag an dó dhéag a chlog, an oíche indiaidh lá Fheil'
Stiopháin. Nach muid a chuaidh in a éadan go dubhshlánach! / Bainfidh
tú amach é má theigheann tú dhó cho dubhshlánach sin dó, ach ní
bainte amach a bhéas sé agad ach briste — briste ina
mhíle píosa]/ Tá an fhairrge ag tuargaint uirre sin
ariamh agus nach diabhalta dubhshlánach atá sí ann ina
dheidh sin, agus nar baineadh ariamh í (: carraig) / Nach
dubhshlánach anois a chuaidh sé ag spealadóireacht agus go raibh an sp{eal}
nua sníomhtha aige in am dinnéir. Cé'n brigh ach ní raibh thairis sin {?}
anuas aige, agus é bainte cho maoilscríobach len a bhfaca tú aria{mh /}

Fága: Ainmfhocal: Buineann: Iolraidh: fágaí, fágannaí
Fága: tonn mhór; farraige bhog ghuagach a bheadh ann tharéis uaire móire agus an mhuir ag leigean fúithi aríst. Go hiondúil bíonn scoth-mhaoimeannaí móra ann ar uair den tsórt sin, agus an fharraige bainte. Is minic gur cosúlacht glas-aimsire iad na fágaí le linn cailm. Tugtar fágaí orra freisin nuair a bhíos bun ag an bhfarraige agus tosach na toinne ag guagadh, agus tarraint inte.

Gheobhaidh fear na curaí bocáil inniu ó na fágaí. Dar príosta geobhaidh / [Ba deacair a dhul ar farraige inniu tharéis go bhfuil an aimsir suaimnithe. Tá fágaí ann / Tá an fharraige bainte. An bhfeiceann tú a bhfuil d'fhágaí inti. Tá tuilleadh den uair mhóir air / Ní bheadh aon-ghnatha ag aineólaí bualadh faoin bhfarraige inniu. Théis nach bhfuil aon-ghála ann, tá bun aice; agus fágannaí diabhalta ann. Ní bheadh aon-stró ar churachóir mhaith. Ach 'ar ndó' ghabhfadh curachóir maith amach dhá scréachta dhá mbeadh sí]/ Tá an fharraige ag míniú anuas aríst. Is furasta aithinte é, agus a bhfuil de na fágaí sin inti. Rinne an bádóir seól inniu, ach ní dheachaidh sé thar bharr na C. D'fhill sé ar ais aríst. B'oibrithe leis a bhí sí déarfainn. Tá sé saothraithe go maith ag an duine bocht agus fuiríocht caladh air annsin le seachtain. / Níl call faitíos ar bith dhuit roimh na fágaí sin. Tá siad an-bhog. Ní shin iad is measa a mh'anam / Tá fágaí farraige ann /

Fág: Fágáil: Briathar [: Aimsir Chaite: d'fhága i gcomhnaí]
Fágail: gan a thabhairt leat; gan a chur san áireamh agus rl.
[San ainm bhriathar bíonn an l leathan go hiondúil: fágál]

Fág seo! = teara uait; teara in éindigh liom (ar thuras, ag siúlóid agus rl.) / Fág seo abhaile = teara abhaile / Fág seo ann = teara (in éindigh liom) go dtí an áit sin / Fág seo síos ar an mbóthar / Fág seo ag siúlóid. Tá muid cuibh-rithe annseo ó mhaidin / Fág seo amach go fóilleach. Tá gnatha agam dhíot / Fág seo ar cuairt. Ní raibh mé ar cuairt chor ar bith aréir / Fág seo go Gaillimh inniu a (: do?)

chuideachta dhom / Fág seo isteach go n-ólamuid cupla pionnta ó a chas Dia a luach chugainn /[Fág seo ag iascach. Tá an lá in araíocht / Ag caint ar a dhul ar an loch a bhí tú. Fág seo / Ní maith leat a bheith annseo roimhe. Fág seo go beo mar sin]/ Tá sí ag teacht. Fág seo le faitíos go bhfeicfeadh sí muid / [ní bhaintear leas as "fág seo" in áit ar bith cho mór le Cois Fharraige] / An té is cumhang (nó "ar cumhang") leis fágadh = an té a shíleas nach bhfuil a dhóthain réitigh aige, imíodh sé; an té a shíleas go bhfuil doicheall roimhe ná fanadh sé mar a dtaithníonn leis / Brú suas annsin, agus tabhair binn domsa. An té is cumhang leis fágadh anois. Is beag an áit a dtuilleann an carthannas, adeir siad / Má shíleann tú go bhfuil doicheall romhat a dheárthair mo chroí, sin é amach an bealach agad. Sén chaoi a bhfuil sé againne annseo: an té ar cumhang leis fágadh. Níl buairín barra againn ar aonduine / A dhiabh-ail, tá an teach seo ag cur thar maoil. Cuirfidh muide thar maoil tuilleadh é muis. Is beag a fháilte atá romhainn sílim, ach bíodh aca. An té is cumhang leis fágadh.]/ Teannaighí anuas. Déanaigí áit díb fhéin annsin cho maith agus a fhéadfas sibh. Má tá muid cumhang níl muid doicheallach. 'Ar ndó' an té is cumhang leis fágadh / Sin é annsin agad anois é. Ní leigfidh mé lag labhartha as seacht bpunt é. Tóig é nó fág é ar an airgead sin = níl ann ach breith nó fág = féadfaidh tú a cheannacht nó a fhágáil / Sin é a bhfuil agamsa duit. Tóig é nó fág é. Dheamhan neart agamsa ort /[Lag sé amach "feaigs" Mheiriocá chugam agus ní raibh ann ach "tóig iad nó fág iad" / Seo ní fhágfaidh tú nó go n-innsí tú dhamsa cé adúirt leat é / Seo ní fhágfaidh tú anois nó go n-óla tú an méaracán seo = ní bhfuighidh tú cead an áit seo a fhágáil.]/ Seo ní fhágfaidh sib nó go dtuga sib saoradh nó séanadh dhom ar mo chuid airgid. / Marach gur thug sé dhom é sin ní fhágfadh sé (beó) = marach gur thug sé dhom é, mharóinn é san áit sin (an áit a bhí i gceist) / Marach gur eirigh

liom a theacht i láthair, sin ní fhágfá. Bhí tú réidh leis. Mharódh sé thú ar bhall na háite /[Sin ní fhágfainn le mo ló marach go raibh lón ar iompar agam. Sliabh gortach a tháinig orm. Ní hé a athrú a bhí ann. B'fhurasta aithinte dhom é / Sin ní fhágfadh sé go deó ná go brách nó go mbaininnse mo shásamh dhó (: dhe), marach amháin / Fág sin = fág an bealach = eirigh as an áit a bhfuil tú, nó leig thart mé / Fág sin. Tá tú i lár an bhealaigh. / Fág sin. Nach bhfeiceann tú go gcaithfidh mé an pota a thógáil den tine /[Fág sin, agus tabhair bealach dhom. Cén fáth dhuit a bheith in do staidhche annsin i mbealach chuile dhuine / Fág mo bhealach as sin. Níl mo dhíol bealaigh agam le dhul thart. / Fág mo bhealach a bhreastairín!]/ Nar fhága mé seo. Sin í an fhírinne! = dar lán an leabhair, sin í an fhírinne! / Níor bhuail mise é. Nar fhága mé seo má leag mé láimh ná cois air / Ní mise a chorraigh é. Nar fhága mé seo má chorraigh! / Nar fhága mé seo má dúirt mé ariamh é. Duine eicínt a chuir bréag orm / Nar fhága mé seo marab shin é an ceart! / Nar fhága mé ball na háite coíchin, má leag mise ariamh barr mo láimhe ar do bhicycle! / Is orm a fágadh é, ach ní mé a rinne é = is orm a leagadh é; dúradh gur mé a rinne é / Is air a fágadh é, ach dheamhan 's móide láimh ná cois a bhí aige ann ach an oiread linne / Ní fhágfadh sé ball na háite marach an truaighe a ghlac mé dá chuid páistí = mharóinn ar an láthair é / Níor fhága sé an tír. Tá sé san teach in áit eicínt = rud a bheithí a thóraíocht agus é ar iarraidh /[Is diabhlaí an ghlaomaireacht atá ort faoi do shean-chaipín. 'Ar ndó' níor fhága sí an tír. An rud nach ngoidtear fáitear é, adeir siad, agus scéal cinnte nar goideadh do shean-chaipín-sa. Bheadh féirín ag an té a ghoidfeadh muis!]/ "Níor fhága an marbh láthair" adeir sé. "Tá mo phíopa ag duine eicínt san teach. Tóróidh mé a bhfuil istigh, agus an té a bhfuighidh mé aige é, ní leis a rachas [fc. marbh] / Níor fhága an slaghdán mo chnámha fós = níor scar sé le mo chnámha / Níor fhága an chasacht sin mé i gcaitheamh

an gheimhridh. Tá sí in a leannán agam / Níor fhága an t-olc é thall ná abhfus = tá an t-olc céanna anois agus a bhí ann sul a ndeachaidh sé anonn (go Sasana) / Níor fhága an fuacht an uair le linn an tsneachta fhéin = níor imigh an fuacht as an uair de bharr an tsneachta. [Deirtear go mbaineann sneachta an ghaimh as an aimsir] /[Níor fhága an phian sin mo chrioslaigh ó shoin. Tá sí smeartha amach ar fud mo chnámh ar fad anois / Níor fhága an damhsa do chosa fós = tá tú indon damhsa a dhéanamh fós / Níor fhága an ghangaid a theanga aon-uair dhá dhonacht dhá mbeadh sé / Fág an solas = imigh as bealach an tsolais; ná bí san solas / Fág mo sholas. Ní léar dhom céard atá mé a dhéanamh agad]/ Breá nach bhfágfá an solas orm? Céard atá tú a dhéanamh in do chaidhfte annsin? / Fág an doras, agus ná bíodh chuile dhuine ag breathnú ort / Chúig leoraí a d'fhága sé ag chuile chruach = a mheas sé nó a cheap sé do chuile chruach / D'fhágfainn dhá chloich dhéag ag do mhuic-sa. Ní mórán le deich gclocha an mhuic eile seo / D'fhágfainn trí phíosa a bheith san ngarraí sin. Tá sin ann go réidh /[D'fhága sé trí chárr feamainne ag an gcoca. Sin rud nach raibh ann muis / Fágaim dhá scór bliain ag an mac is sine. Níl sé lá thairis. Sin é a d'fhágfadh an ceann is óige tuairim 's chúig bhliana fichead, agus sé a chloch neart é … Ara bail ó Dhia ar do dheich mbliana fichead. Is fada uaithi é / Fágaim fiche cliabh fataí a bheith is chuile pholl. Níl thairis ionta. Tá an oiread fataí agamsa leis in a dheidh sin, mar tá poill théagaracha agam. Níorbh ait liom taibhsí a chlúdú ariamh]/ Ná fág aon-easbaidh ort fhéin = coinnigh do dhóthain tú fhéin; ná bí féin siar leis (an roint etc.) / Tá mo dhíol agamsa. Seachain a bhfágfá thú fhéin ar deireadh / Mo choinsias ní fhágfaidh sé siúd é fhéin ar deireadh hébrí cé eile a bhéas siar leis / An Té a chruthaigh Neamh agus talamh níor fhága sé é fhéin ar deireadh / D'fhága an misinéara i gcionn an phoitín san gcúilteach é an lá sin. Thar éis an Aifrinn thug siad amach é, nó gur chur siad thrí lasadh é. Ach bhí mo dhuine ar meisce lár na mháireach. Nuair a fiafraíodh dhe cá

bhfuair sé é, séard adúirt sé: "an Té a chruthaigh Neamh agus talamh níor fhága sé é fhéin ar deireadh." Ba shin é an fear agad le fágáil i gcionn poitín! / D'fhága tú mise ar deireadh = níor thug tú mo chion nó mo dhóthain dom /[Fágfaidh an róthar sin ar an mbóthar thú = brisfidh sé ort faoi bhealach agus caithfidh tú siúl / Níor fhága sé sin aon-fhear ariamh ar an mbóthar gan marcaíocht a thabhairt dó = dhá scothadh sé fear a bheadh ag siúl, thóigfeadh sé é, in a charr / D'fhága an bus ar an mbóthar inniu mé = ní thóigfeadh sé mé / Ní fhágfaidh mé fear ar an mbaile nach mbuailfidh mé = buailfidh mé as éadan iad / Ní fhágfadh sé fear san teach gan bualadh marach gur tugadh iarraidh mhaide dó / Ní fhágfaidh mé cleith ar an teach nach leagfaidh mé / Ní fhágfadh sé cloch san gclaidhe gan caitheamh anuas marach gur bagraíodh air / Ní fhágfadh sé putóg ionad dhá n-ionnsaíodh sé thú = mharódh sé thú]/ Ní fhágfaidh mé deoir ionad, mara stopa tú = maróidh mé thú / Ní fhágfaidh mé eirí in do sheasamh ionad, mara n-eirí tú as an ngeabsair-eacht sin / Ní fhágfadh an madadh mion-mullóg dhíot le chéile marach gur eirigh Dia liom go dtáinig mé ann / Níor fhága sé snáth éadaigh orm nar stachail sé ó chéile / Níor fhága sé liobar foilt ná craicinn orm gan stróiceadh. / Ní fhágfaidh mé liobair leathair ort mara leige tú dhom / Níor fhága sé liobar foilt ná fíonnaigh síos go dtín a mhása air /[Ní fhágfadh sé siúd súil in do cheann a dheárthair mo chroí / Ní fhágfaidh na driseachaí sin láimh ort, mara bhfá tú deis thar an scian sin in a n-éadan / Ní fhágfadh sé fuinín gruaige ar mo cheann gan strachailt dhó (: dhe) marach gur baineadh as greim é / Níor fhága sleaghannaí na raithní sin aon-ionga ag gabhail liom anuiridh]/ Níor fhága an dúchan fata de bhláth bliana agam / Níor fhága an bháisteach aon-fhód móna ag na daoine i mbliana / Níor fhága an curásach sin gráinne coirce san ngarraí sin thiar agam / D'fhága an sionnach gan uibheachaí muide i mbliana / D'fhága an soilíos mo chuid féir fhéin dreóite / Níor fhága mise smid aige = chuir mé in a shórt é / D'fhága sin ar bheagán le rá é / Ná habair thusa tada. Fágfaidh mise ar bheagán

cainte é sin feicfidh tú fhéin air = cuirfidh mé in a shost é / Fágfaidh mise ag craitheadh na gcrúb thú mara leige tú de do chuid ámhailleacht = gortóidh mé thú / Sé an tinneas atá indon duine a fhágáil in ísle bhrí / Fágfaidh mise laincis ort (éalann, ceirín, ciréim, etc.) = gortóidh me thú / D'fhága sé éalann len a ló air = He maimed him for life /[D'fhága an chloch ar leath-shúil len a ló é / Sé an meaisín buailte a d'fhága ar leath-láimh é / Céard a d'fhága ar leath-chois é? / A chuid aeríl fhéin a d'fhága as a shlainte é / Ab shin é anois a d'fhága ar leath-chluais é?]/ Má theagann sé annseo aríst fágfaidh mise ar leath-sciathán é = gortóidh mé é; bainfidh mé an t-uabhar as; cuirfidh mé riocht air; "I will take the wind out of his sails" / Sin í an cheird a d'fhága gan lúd gan láthar é. / Níor fhága an ruaig sin eirí in mo sheasamh ionam / Fágfaidh an cléibh sin druim tinn agad / Sí an láighe a d'fhága trálach ormsa / Fágfaidh mé codladh ort, mara n-eirí tú as an spochadh = buailfidh mé thú go damáisteach / Fágfaidh na bóithrí sin speireachaí ort / Fágfaidh na bróga léasrachaí ar na cosa agad / Fágfaidh na "feaigs" tolgha thú]/ Fágfaidh an ragairne réidh thú as a dheireadh = giorróidh sí leat; tiúrfaidh sí bás duit / Sin é a d'fhága réidh é, nach ndeachaidh sé roimhe in am (roimh thinneas etc.) / D'fhága an fuacht gan focal cainte é / Fágfaidh mise másaí tinne agad má chloisim an focal sin uait aríst = léasfaidh mé thú / Fágfaidh mise pian san ngoile agad mara n-eirí tú as do chuid nathaíocht' / Fágfaidh an t-iasc sin tart ort = cuirfidh sé tart ort; fáiscfidh sé tart ort / D'fhága an tae ar neamh-chodladh mé / D'fhága an sneachta ar chnáimh mo dhroma mise le seachtain /[Fágfaidh an fliú seo daoine sínte = básaithe; curha; in a luighe / Sin é a d'fhága ar lár an duine bocht / D'fhága na scoilteachaí craiplithe mé / Tá mé fágha gan siúl an bhealaigh ag an gcois sin]/ Fágfaidh an láimh seo go dona mise (gan a bheith indon tada a dhéanamh; pian a bheith orm etc.) / An t-ól a d'fhága ag iarratas mar sin é / An ghnaoithiúlacht a d'fhaga in anchaoi é (a d'fhága mar sin é,

a d'fhága mar tá sé é, a d'fhága go dona é etc.) / A chuid boige shíneadh fhéin a d'fhága an bhail sin air / Ba í a scóig a d'fhága mála na déirce aniar ar a dhruim / Céard a d'fhága san gcruth sin thú ach do chuid mí-chomhairle fhéin. Ní éistfeá leis an té a bheadh ar mhaithe leat. Tá a shliocht ort anois / Fágfaidh an bhóithreóireacht ag caitheamh na miotán é. Níl áird ar bith aige ar a ghnatha / [Sé an droch-phósadh a d'fhága ag iarraidh a chudach é / Ba í an bhean a d'fhága an míádh mór air / Céard a d'fhága ar bheagán fáltais é ach a chuid siléige fhéin? / D'fhága an t-ól an chaoi sin air. Ba suarach an t-íonadh. Bhí sé leis i gcomhnaí / Céard a d'fhága an deis siúd air? … Na mná! Na mná fhéin! Muise d'imigh an diabhal air, thar a bhfaca mise de dhaoine ariamh! / D'imigh sé uaim Dé Luain agus d'fhága sé ag obair ar anchaoi mé. Is beag é foghail duine aonraic le coirce atá ag tuitim dhá cheann / D'fhága sé annsin é ag tabhairt na gcor / D'fhága sé in a chuid fola é = d'fhága sé buailte é; bhuail sé é / Fágfaidh mise in do chuid fola thú, má chloisim mórán eile sceaimhínteacht agad / Phós an deirfiúr agus d'fhága sí gan pínn gan bonn e / An drabhlás a d'fhága gan greim le cur in a bhéal é / Dúirt sé an méid sin. Lasc leis ann-sin, agus d'fhága sé mise annseo i bpiolóid / Ná fág ag déanamh bróin mar siúd í. Teirigh go dtí í / D'imigh sé uaim go Sasana, agus d'fhága sé ag caitheamh in a dhiaidh ó shoin mé / Sin é an rud a d'fhága caitheamh in a dhiaidh agam ar fad / Fágadh lag lúbach an duine bocht / Bhásaigh sí agus d'fhága sí áilín a bhí ar aon-chéill in a diaidh / Sin é a d'fhága go dona é; a bheith ag tabhairt áird uirri sin / Níor fhága sé pínn airgid in a dhiaidh (nuair a fuair sé bás) / Fágfaidh sé an teach agus an talamh ag an mac / Foighid ort! Tá an-tsaint san airgead aige, ach fágfaidh sé in a dhiaidh é ar ball = ní fhéadfaidh sé a thabhairt san uaigh leis / Oibríodh sé leis! Dearg-chnuastóir é. Ach fágfaidh sé in a dhiaidh cho maith linne é nach bhfágfaidh cianóg / D'fhága tú an cíos thar am gan íoc / D'fhága tú an chois sin ro-fhada gan a dhul roimpe / D'fhága sé an féar siúd ro-fhada ar sraith agus fuair sé amlú / D'fhága sé a chuid móna gan tógáil anuiridh / D'fhága

tú do chuid pinnsean gan tarraint an tseachtain seo caite = níor tharraing tú é / Ná fág do chuid gruaige i bhfad eile gan baint díot / D'fhága sé an coirce thar am (gan baint) / D'fhága sí na beithigh blite shul ar imigh sí = bhligh sí na beithigh / Ná himigh go bhfága tú an bainne déanta = déan an bainne sul a n-imí tú / Fág an leabaidh cóirithe sul a dteighe tú ag bleán / Fág aistir uisce istigh shul a dteighe tú soir san ngarraí / Fágadh sé móin istigh shul a dteighe sé ag an gcladach / Fág neart aráin déanta l'aghaidh an lae amáireach = déan / Fág fataí tugha isteach annsin l'aghaidh cuid na mbeithioch shul a gcorraí tú / D'fhága sé neart tine thíos sul ar imigh sé ar chaoi ar bith / Ar fhága sé slán agadsa chor ar bith sul ar imigh sé? / Caithfidh mé slán a fhágáil aige / Fág slán aige anois, mar ní móide go bhfeicfeá aríst é / Ní hé a bheannacht a d'fhága sé ag an athair ag imeacht dó / D'fhága sé a bheannacht agadsa ar chaoi ar bith! / D'fhága sé a mhallacht ag an mbaile seo, agus ní gan údar. Ba dona a caitheadh leis ann / Níor fhága mé pínn ruadh in a shiopa le bliain. Go deimhin ní theastódh uaim ach sin / Gan aon-phínn a fhágáil in a shiopa níos mó: sin é atá le déanamh / Beidh bladar aige sin leis an té a fhágfas aon-phínn aige / Ormsa a d'fhága sé de chúram breanú indiaidh an pháiste / Ní dhéanfaidh mise é. Níor fágadh de chúram orm é / Dhá bhfágthaí de chúram ormsa é, bhrean-óinn in a dhiaidh, ach ní hé mo ghnatha é / Cé air ar fhága sé cúram an tí ag imeacht dó? / Sén fear is fhearr é le áirdeall na mbeithioch a fhágáil air, má bhíonn tú fhéin i bhfad as baile / Fág é nó go bhfeice tú leat = ná tóig anois é; ná déan an obair sin anois etc / Fág mar sin anois é = fág é ar an gcaoi a bhfuil sé gan críochnú (obair, scéal, caint a bheadh tarraingithe anuas agus rl.) /[Fág mar sin anois é. Ní hé an slacht, adéarfadh an ceann céanna! / Fág mar sin é. Tá sé sách maith. Déanfaidh sé mar atá sé, go leige Dia do sláinte duitse! / 'Gcuire Dia an t-ádh ort agus fág mar sin é. Cén mhaith dhuit a bheith dhá sheadú, le tuilleadh cantail a chur orm? / Ach cár fhága tú Seán? = bréa nach

gcaintíonn tú ar Sheán; ní ceart Seán a fhágáil as margadh; tá Seán i gceist freisin etc. / Ní dhéanfadh Peadar é. Dheamhan é go n-íthiodh sé é. Ach cár fhága tú Seán? = dhéanfadh Seán é; bhí agad labhairt air / Níl aon-chúnamh aige? Cár fhága tú an t-athair? / [Ní abródh aonduine san tír aon-cheo faoi marach í fhéin. Ach cár fhága tú na Flaitheartaigh = ba Flaithearteach í fhéin ó cheart agus ingeall gur Flaitheartach í adúirt sí é]/ Ní raibh údar achrainn ar bith aige, ach cár fhága tú an dícéille in a dhiaidh sin? = ní raibh d'údar achrainn aige ach a bheith dícéillí dhó / D'ionnsaigh sé mé, agus gan mé ag cur chuige ná uaidh. Ach cár fhága tú an t-olc, rud atá ann, mo léan? = d'ionnsaigh sé mé ingeall ar a chuid oilc / 'Ar ndó' ní dhéanfadh aon-fhear beó an cleas a rinne sé ach é fhéin, ach cár fhága tú an tseafóid agus an leibideacht? /[Badh í (: bó). Ní raibh troigh uisce ann. Shílfeá nach mbáifí seangán ann, ní áirím bó. Ach cár fhága tú an míádh mór? Nuair a bhíos an míádh ar dhuine, níl aon-dul uaidh aige. Sin é an chaoi a bhfuil sé / Tá do chuid dola dhíot agad aríst i mbliana. Is aoibhinn duit. Ach cár fhága tú tuaras-tal an tsagairt? Níor chomhair tú é sin chor ar bith]/ Ní raibh a dhath air sin nuair a leag mé annsin é inné. Ach cár fhága tú ámhailleacht ghasúir 'ar ndó'? Tá an clampar orra. Ní mian leo gan a dhul ag spochadh le 'chuile shórt / D'fhága sé an teach rómsa / Fág go maidin é = ná bac len a dhéanamh go maidin / Fág na beithigh (: gan bleán, gan beathú etc.) go dtí ar ball / Fág é sin len a anshogh fhéin = ná cuir aon-araoid air; tá a dhóthain air cheana / Nach breá nach bhfágfadh sib le m'anshógh féin mé, agus gan a bheith ag spochadh liom / Is ceart duine den tsórt sin a fhágáil len a anshógh fhéin, agus gan cur chuige ná uaidh / Fág fúmsa é sin. Déanfaidh mise é = fág an obair sin agamsa le déan-amh; fág an obair sin ar mo chúramsa / Fágfamuid fút fhéin é. Is tú is fhearr eolas air bail ó Dhia ort / Dhá bhfágadh sé fúmsa é, is fadó a bheadh sé faite agam dó, ach ní fhágfadh. An iomarca comhairleachaí 'ar ndó! / Innis dom é, agus

ná fág in imní mé níos fuide / D'fhága mise i bpian anois é. Níl a fhios aige san míádh cá bhfuil mé ag dul = tá sé ag déanamh imní dhó fios a fháil cáil mé ag dul / Tá sé cho maith dhuinn é sin a fhágáil ag an deachma (fc. deachma) / Fág é sin ag an dul amú / Níor mhaith liom Seán a fhágáil as margadh = gan a chur san gcomhaireamh; gan a thabhairt i gceist /[Má fhágann tú M. T. É. as margadh, cé eile atá agad a dhéanfas é? / Leis an aimsir bhriste a fhágáil as margadh uileag, diabhal mórán a shaothróchthá ann / Ara fág é sin as margadh ar fad. Ní comhlódar do mhuc ná do mhadadh é sin]/ Fágaim ag Dia é. Má ghoid sé fhéin é ní chuir-fidh mise aon-tréas air faoi = déanfaidh Dia breith a thabhairt air. Ní chuirfidh mé aon-leanúntas chúirte air / Fágaimse ag Dia é, mar a d'fhág Neil an tinncéara a ghoid a léine / Ná bac leis. Fág ag Dia é. Agróidh Dia é sin air / Fágaim ag mac Dé gur bshin é an rud adúirt sé = mionnaím gurb shin é adúirt sé / Fágaim ag Dia nach raibh mé ann beag ná mór / Fágaim ag Dia nach bhfuil pínn ag gabhail liom! / Fágaim ag mac Dé bheannaithe nar leag mé láimh ná cois air! Sin í an fhírinne / Fágaim ag mo Shlanaíodóir nachar dhúirt mé smid ná smeaid faoi ach an oiread leis an té nar rugadh / Fágaim ag Dia Dílis, nach raibh mé ann ach an oiread leatsa, agus dhá mbeinn fhéin ní chorróinn é]/ Fágaim le m'uacht agus le m'anam gurb ea = seadh go cinnte / Fágaim le m'uacht agus le m'anam go maróidh mé thú! Ní bheidh sé níos saoire agad / Fágaim le m'uacht go bhfuil glionndar orm go bhfuil tú san mbaile / Fágaim le m'uacht gur maith liom sin muis. 'Chonách maitheasa ort! / Fágaim le m'anam nach bhfuil a fhios agam céard is cor dó ach an oiread leatsa / Fágaim le m'uacht agus le m'anam go bhfuil mé reiche beó beithioch aice! /[Fágaim le m'uacht agus le m'anam gurb shin é / Deir tú nach hea. Fágaim le m'ais gurb ea muis = Sea go dearfa]/ Fágaim le m'ais gurb é. 'Deile cé a dhéanfadh é? / Fágaim le m'ais nach

mbeidh plé beag ná mór agam leis / Fágaim le m'ais muis gur suarach í do cheird / Fágaim an Satharn ag Muire Mháthair agus bím ag an Aifreann Dé Domhnaigh = sin é an leiscéal a thug an leadaí fadó / Fágfaidh mé an Luan ag an gcladach. Is beag eile a bhéas déanta agam ach a mbeidh mé réidh leis an tráigh = ag obair san gcladach a bhéas mé Dé Luain / Fágfaidh muid dhá lá aige len a dhéanamh = we will give him (: we will suppose he takes two days to do it) two days to do it / Fágfaidh muid coróin ar (ag) luach an bhéiréiste. Cár chuir tú an chuid eile den airgead? / Fág in a dhá chéad fhéin é. Tá an méid sin aige san mbliain ar a laghad ar bith = you can count (suppose, take for granted) it at (as) a hundred. / "B'fhéidir gur ghoid tú céad", adeir an sagart. "Fágfamuid in a chéad é", adeir sé. "B'fhéidir gur ghoid tú míle", adeir an sagart. "Fágfamuid in a mhíle é" adeir sé. "B'fhéidir gur ghoid tú deich míle", adeir an sagart. "Fágfamuid in a dheich míle é", adeir sé. "Fágadh cheana" adeir an sagart (faoistean an iascaire: ag innseacht don tsagart faoin méid éisc a ghoid sé) / Fágfamuid in a dhearmad é. Níor mhaith liom a rá gurb é a ghoid d'aon-uaim a rinne sé. Marab é fearacht an fhear fadó leis an ngáirleóig aige é: "ní do do ghoid atá mé a gháirleóg ach dot' árdú liom". / Sílimse go bhfuil sé deich míle. Deir tusa nach bhfuil sé ach hocht míle go leith. Fágamuid in a hocht míle go leith é. Deir tusa go siuilfeadh bean trom trí mhíle san uair. Ach m'anam nar shiúil tusa aon-hocht míle go leith in imeacht dhá uair: gurbh fhada uait é / Fágamuid mar sin é = enough said! / Ní leithí bealach una coille ('na coille) ná 'un a fágáil = má bhíonn duine idteannta, tá neart bealaighe i gcomhnaí ann len a theacht as, ach an duine a bheith sách meabhrach agus sách firiúil; má bhíonn teacht isteach mór fhéin ag duine, is furasta a chaitheamh aríst etc. / An iomarca eólais a fhágas inín na comharsan gan fear = bíonn gach uile locht aice le

fáil ar dhaoine aitheantais / Rud ar bith atá ar a fhágáil sin beidh sé ar dheireadh = rud ar bith a fhágtar faoi, beidh sé gan déanamh, nó déanfaidh sé siléig ann, nó ní chuirfidh sé aon-bharainn déanta air etc. / Más ar t'fhágáil-sa a bhéas sé, tá faitíos orm go mbeidh sé ar deireadh / Dúirt mé leat dhá mbeadh sé ar a fhágáil sin go mbeadh sé gan déanamh. Agus bhí. Ab é an ceann cipín sin ru? / Tá faitíos orm do na beithigh más ar a fhágáil sin a bhí siad. Beannacht Dé dhuit! Dhá mbeadh na seacht sraith ar an iomaire, ba é an cleas céanna a dhéanfadh sé sin. Níl aon-chomhairleachan in a chionn / Fág mar tá sé é = leave it so; ná hathraigh ná ná corraigh é ach mar sin / D'fhága an diabhal grís agam (orm). Is maith an bronntanas í sin! = tóig mé grís uaidh / Bean a tháinig as Meiriocá a d'fhága an fiabhras ann / "Gobadaí ar t'aghaidh nar eirí leat: gobadaí dí go bhfága tú thíos!" = caint adeirtear le cúig sna clocha péire nó sna screaga / Tá sí drochmhúinte. Muise cá bhfágfadh sí é (: an drochmhúineadh). Bhí a hathair amhlaidh = ba dual di a bheith drochmhúinte / Cabáil! Cá bhfágfá í. Ní le muinntir do mháthar a ghabhfá gan a bheith cabach. Sháraigh siad sin an diabhal le cabáil / Cá bhfágfadh sé é. Duine de bhunú(s) Mhurcha na Sclaige! Ní fhéadfadh sé gan tóir a bheith aige ar an ól. Bhí sin san dualgas aige. / Tá an braon ionad cheana féin, agus gan tú as an gcóta cabhlach fós. Mise i mbannaí! Cá bhfágfá é? Ba dual do do chineál an braon a bheith ionta. / Ara beannacht Dé dhuit. Ní iontas ar bith é sin. Cá bhfágfadh sí an onóir. Ní ón ngaoith a thug sí í sin chor ar bith. Níor sheas aon-bhean ariamh ar urlár ba honoraí ná a máthair. Ba shin í fhéin muis an onóir dhona. / Tá Gaeilge agad! … Tuige nach mbeadh. Cá bhfágfá í. Fear as Ó. / Fág seo leat = le capall, asal, bó etc. agus thú dhá seóladh nó dhá gcinnireacht / Fág seo amach annseo go beó! Is roighin

thú / Fág seo amach annseo leat a chodaí asail! Go on! Fág seo adeirim! Go on will you! Fág seo go beó! / Bhí an oilbhéas in a athair agus níor fhága seisean ach oiread dual ná slis di in a dhiaidh (fc. dual) / Níor fhága tú dual ná slis dhó (: dhe) amach (fc. dual) / Thug S. garbh faoi A. é. Más thíos a fríodh é (: A.) thuas a fágadh é = cuireadh malrait córach air; más molta a bhí sé roimhe sin cáinte a bhí sé anois, agus a leithide sin. Ciallaíonn sé san leagan áirid seo go dtug S. droch-dhíol cainte ar A., nó gur chuir sé droch-bhail air / Ó a dhiabhail nach hé a thug faoi. M'anam más thíos a fríodh é, gur thuas a fágadh, agus é siúd réidh leis. Ara chuala tú feannadóir ar bith ariamh a sháródh é? / Fuair an ceann seo den phobal inniu é ón sagart. Más thíos a fríodh iad is thuas a fágadh iad aige siúd. 'Ar ndó' dheamhan leath chirt aige leo, níl sin / Ara a dhearthair ó mo chroí thú, ní raibh mo chois istigh agam, nuair a d'áitigh sí mé. Más thíos a fríodh mé thuas a fágadh mé ar chaoi ar bith. Ach d'airigh sé gur in a theach fhéin a bhí sé. Níor mhór dhó! / Más thíos a fuair mé é is thuas a d'fhága mé é. Roinn mé an onóir leis = rinne mé an-sciolladóireacht air / Dhá gcuimhníodh sé ar an arán a hithiodh, ba bheag a luadh aige a dhul tharmsa gan cuireadh a thabhairt dom. Agus a liachtaí lá oibre a thug mé dhó. Ba dona é scathamh marach mise. Más thíos a fuair mé é is thuas a d'fhága mé é = bhí a chuid oibre gan déanamh. Rinne mise dhó í / Bheadh an bhróig millte aige marach thusa. Más thíos a fuair tú í, is thuas a d'fhága tú í = fuair tusa í, agus droch-bhail uirri, agus chuir tú caoi cheart uirri / Bíodh sé buíoch do T. faoin bhféar ar chuma ar bith. Más thíos a fuair sé é is thuas a d'fhága sé é = bhain sé nó chrap sé an féar dó, nó chuir sé caoi ceart air / Ba dona an teach a bhí annsin nó go ndeachaidh inín S. Th. isteach ann. Má tá bráigill orra inniu dise is cóir dóibh a bheith buíoch. Más thíos a

a fuair sí é (: an teach) is thuas a d'fhága sí é. / Nach air a bhí an t-ádh go dtáinig an sean-riadaire sin abhaile as Meiriocá chuige. Más bocht a fríodh é, is saibhir a fágadh é (: thuit airgead an tsean-riadaire air) /[Ná bac leis sin anois. B'fhéidir go raibh sé bocht scathamh, ach más bocht a fríodh é, is saibhir a fágadh é. Deir siad gur fearr "seo é; seo é, ná cáil sé: cáil sé" / Más thíos a fuaireadar a chéile thuas a d'fhágadar a chéile. Bhí an-fháilte aca roimh a chéile = le luthgháire fáilte.]/ Diabhal a leithide de chaismirt agus a bhí aca! Más thíos a fuaireadar a chéile (is) thuas a d'fhágadar a chéile = ropadar a chéile le caint agus aithis / Más thuas a fuair sé í, thíos a d'fhága sé í. D'innis sé dhi cé hí fhéin [deirtear mar seo é freisin scaithtí] / Sin í an bhean a chuir smais air. Más thíos a fuair sí é is in a sheasamh a d'fhága sí é (is thuas a d'fhága sí é). Ba bheag an deis a bheadh aige inniu marach a cuid airgid sin / [Marach P. se'againne a theacht ann agus M. a choisint, dheamhan fata a changlódh sé len a loiseag ag T. Sh. Más ba thíos a fuair P. é, ba in a sheasamh a d'fhága sé é (: M.). / Is maith an cúl toraic aice (ag Sasana) Meiriocá. Ba í a shábháil í an dá gheábh seo. Má ba thíos a fuair sí, ba in a seasamh a d'fhága sí í. Bhí a cnaipe déanta marach Meiriocá / Más thíos a fuair sí é thuas a d'fhága sí é. Bhí an oiread ríméid uirri go dtáinig sé agus gur mhúch sí é le póga / "Ag treabhadh an tsléibhe agus an talamh réidh a fhágáil gan cur" = sean-fhocal : duine a níos obair dheacair nuair a d'fhéadfadh sé a dhéanamh ar éascaíocht, nó nuair ab fhusa dó rud eicínt eile a bheadh i mbéal a láimhe agus a dhéanfadh cúis cho maith céanna a dhéanamh. [Measaim gurb é an t-údar a bhí leis go saothraíodh pailitéaraí go leór tamhnachaí agus talamh sléibhe tá céad agus céad go leith bliain ó shoin. Thugadh na tiarnaí cead dóibh sin a dhéanamh agus ní chuiridís mórán cíosa orra idtosach. Déantas na fírinne thugaidís ugach dóibh a dhul ag saothrú

na ndiomallachaí sléibhe ar a gcuid dúicheannaí. Tá go leór sean-tamhnachaí agus sean-talamh bán ar shléibhte fós a saothraíodh ar an gcaoi sin, cé go raibh togha na talúna ar chuideannaí eile den dúiche ag dul un báin, cheal tionóntaí, nó de bharr cíos ro-throm. Ar an dá luath agus a mbíodh áitiú réasúnta déanta ag na pailitéaraí ar an sliabh, chuireadh na tiarnaí measadóirí amach agus d'fháisctí cíos agus airgead acraí orra. Ba mhinic a lascfaidís leo annsin go dtí tamhnaigh eile ní b'fhuide ó láthair le éadan a chur ar an obair aríst] / Cén catmara atá ar an bhfear seo thíos a dhul ag cur an tabhairt sin air fhéin le leasú go barr an bhaile, suas ar sean-spíontán fliuch báite, agus neart garrantaí bán de scoth na talúna annsin siar aige. 'Ar ndó sin é: ag treabhadh an tsléibhe agus an talamh réidh a fhágáil gan cur / Shílfeá gur mór an dícéille atá air a dhul ag cur anró air fhéin ag baint fheamainne le curach, agus dalladh feamainn dubh — airde crann loinge dhi — thíos annsin thíos aige ar chongar. Ach ní minic leis an gceann céanna gan an chontráil a dhéanamh. Oibríodh sé leis. Ag treabhadh an tsléibhe agus an talamh réidh a fhágáil gan cur. Sin é a fhearacht aige sin é / Más leat airgead a dhéanamh, breá nach suas ar na portaigh a theigheas tú, agus neart móna a bhaint. Is samhaoiní dhuit í ná na faochain agus ná an carraigín sin. Agus is lú anró í as deireadh na cuise. Sé an chaoi a bhfuil sé agadsa: ag treabhadh an tsléibhe agus an talamh réidh a fhágáil gan cur / Má bhí sé annseo, sin é a d'fhágfadh nach eisean a bhí thoir = má bhí sé annseo, is cruthú é sin nach bhféadfadh sé a bheith thoir / Trí agus tuistiún ar scór uibheachaí. Sin é a d'fhágfadh dhá phínn ar an gceann. Ní taobh le dhá phínn a bhainfí dhíot muise dhá dteightheá dhá gceannacht san siopa / Chuaigh sé isteach san mbeainc ag iarraidh airgid, adeir tú. Sin é a fhágas bocht é = cruthaíonn sin go bhfuil sé bocht / Má rinne sé cleas den tsórt sin, sin é a d'fhágfadh gur beag a chiall é / 'Ar ndó' má tá sé ag dul

ag pósadh, sin é a d'fhágfadh nach bhfuil sé ag imeacht as an áit / Bhris sé sin thíos an ceap se'aghainne. Fágann sin nach bhfuil ceap ar bith ar an mbaile anois / Nuair a d'fhiafraigh mise dhó (: dhe) cé mar thainig conndae na Midhe leis, "Is glas iad na cnoic i bhfad uainn", adeir sé. Fágann sin nach bhfuil aon-tsást-aíocht air ann /[Ní dheachaidh fear an phosta siar fós. Fágann sin nach bhfuil sé an h-aon a chlog / Ní ghabhfadh sé (ag troid) leis. D'fhága sin nach raibh sé indon aige. Dhá gceapadh sé go mbeadh, sé a ghabhfadh, agus go líofa]/ D'fhága muid san mbaile inniu é = chuir muid san gcill é (fc. baile) / Fág do dhiaidh ar fad an t-aisiléara sin = ná tabhair leat (ar an aistir etc.) é / Tá sé in am agad an díomhaontas a fhágáil do dhiaidh feasta = eirithe as an díomhaontas / Ní fhágfaidh sé an ghaisce in a dhiaidh go deo = ní eireóidh sé as an ngaisce / Shílfeá ó a phós sé go bhfágfadh sé na béasaí gránna sin in a dhiaidh = go ngabhfadh se ar athrú béasaí / Tá sé fágha (go leor) = tá sé an-fhágha = tá sé feidhearha nó maoilscríobach; tá sé gan mórán éadaigh; tá sé éitreórach nó tréighe; ídithe, stiúcha, ruaite, snuite [An chiall "ruaite", "ídithe" nó "snuite" a bhíos leis i gCois Fharraige go hiondúil. Bíonn an chiall maoilscríobach .i. gan mórán éadaigh, leis anois agus aríst freisin ach ní go minic é. Níl mé cinnte go bhfuil f. ar bith ann i gCois Fharraige mar deirtear an-nó a leithide roimhe i gcomhnaí. Eagtha: ea(n)gtha nó focal eicínt mar sin é b'fhéidir. Tá "ágóid" ann ar chineál mná] / Ní raibh ionta ach scadáin. Bhí siad an-fhágtha (eagtha?). Ní ghabhfaidís sé-phunta dhéag an t-aonach cheana = muca suaite; muca a bheadh caolaithe, ídithe agus tarraingithe, go háirid siar sna ceathrúnaí nó sna másaí /[An bhfuil an seafaide sin ag tnuthán le fear. Diabhal duine ar bith a phósfadh í sin. Tá sí ro-fhágha. 'Ar ndó' níl lán do ghlaice inti. Is bréa an rud bean theangmháilte a bhfuil téagar inti.]/ Tá an gamhain an-fhágha ón aonach

cheana. Bhí an-ordú air nuair a cheannaigh sé ó Ch. T. U. é, ach d'imigh sé as thar cionn ó shoin. Is cosúil nach dtugann sé aon-cheo dhó / Chíotar dhom go bhfuil tú an-fhágha le goirid bail ó Dhia ort. A dheamhain tá tú ag dul amú in do chuid éadaigh! / Tá an cheathrú ro-fhágha, ro-shlabhcha aice, le mórán gríscíní a bheith uirri. Níl aon-téagar inti / Spreang-aide fhágha de bhean í. Tá sí caolaithe ar fad. Ghabhfadh sí amach thrí chró snáthaide / Bhí siad fágha ceart san mbád = stiúcha leis an ocras agus ar an-chaoi de bharr a bheith dá mbocáil síos suas faoi thoiliúna Dé, agus gan iad indon a thiacht chun calaidh / Ní fhaca tú aonduine ariamh ba fágha a bhí an oíche sin ná mise. Bhí mé amuigh i lár an chriathraigh bháite, an oíche cho dubh le pic, agus mar bharr ar an dathúlacht an t-ocras ag teannadh liom. Shíl mé nach ndéanfainn eólas choíchin as. / Tá muinntir an oileáin sin an-fhágha má theagann gairfean ar bith. Níl bád ar bith in araíocht a dhul i dtír ann. Is minic a fhás siad ocras / Níl rud ar bith a bhíos co fágha leis an duine scaití. Tá beithigh eile indon snámh nó imeacht san aer, nó rud eicínt a mharú, ach dheamhan treóraíocht ar bith san duine / Nach hí atá fágha = maoilscríobach; gan aon-éadach den rath / Tá an dílleachta bocht an-fhágha anois, gan duine ná deóraí san teach ach é fhéin. Dheamhan mórán le dhá bhliain déag é cheapfainn / Meastú a bhfuil sé siúd cho dólom agus atá a chosúlacht? Tá sé an-fhágha, an-mhaoilscríobach ag imeacht. Shílfeá agus a bhfuil d'airgead ag a dheirfiúr go gcuirfeadh sí fuireann air agus gan é a bheith sna ciomachaí mar siúd. Ach chreidim nach miste léithi / Ní bhíonn rud óg ar bith cho fágha leis an naoineán. Breanaigh an t-uan, an laogh agus an searrach! Bíonn a gcosa déanta aca faoi cheann uair an chloig th'éis a mbreithe. Ach cáid a bhíos páiste ag tónachán agus ag lámhacán sul a dteaga siúl dó? Bíonn sé scathamh maith. /

Fágálachaí: Ainmfhocal san Iolraidh: dhá bhfódaítí fataí, agus na síolta a shá ionta in a dhiaidh sin, fágálachaí a thugtar ar na poill a gcuirfí na síolta síos ionta. Déantar na poill le cipín nó scaití leis an láidhe más talamh sprosach, nó ithir é. Tá an focal ag seirgeadh mar is annamh a sháitear fataí anois. Déantar i dtalamh sléibhe corr-uair é.

Cé leis a ndearna tú na fágálachaí? … Le cipín. Shílfeá go mbeadh an chréafóig siúd sách briosc len a ndéanamh leis an láidhe fhéin / Sén chaoi ar shá mé na síolta ann, agus nuair a shá, cuir mé mám diúain síos sna fágálachaí ag cur fearasbar maitheasa orra má b'fhíor dom fhéin. 'Ar ndó' mo chreach mhaidne! Mharaigh mé le leasú iad. Ro-leasaithe a bhí siad roimhe sin fhéin /

Fobhairne: Ainmfhocal: i leagan amháin: fear fobhairne (: fəurɴə)
Fear fobhairne: leathbhádóir; an té a mbeadh leath báid aige i bpáirt leat; cúntóir i mbád; comh-bhádóir (le báid a bhaineas sé go háirid, ach stangtar an chiall i bhfeiliúint do rudaí eile); fear freastail; an té a bheadh ag cuidiú leat, ag borradh leat, in a theannadh ar do chúl agad etc; cúl toraic, "second"; fear a bheadh ag tarraint scéalta chugad, ag cur bearta in a suí dhuit ("making the balls"), ag maoidheamh leat, mar dhóigh dhe go mbeadh sé cho cionntach leis an té a dhéanfadh an bualadh, an gníomh etc. [míniú amháin a chuala mé air gur "fear fóirínte" é, ach ní shin é an fhuaim atá ag aonduine air, agus is míniú gan údar é]

Bhí mise amuigh annsin thiar lá agus bhuail mé cuisle eistrí gan aireachtáil. Thug mé scríb fútha agus thóig mé na céata aca leis an líon. Bhí báid eile fúm agus tarm agus gan a fhios aca a raibh siad ann chor ar bith. Dheamhan fios muise ná ag an bhfear fobhairne a bhí liom san mbád sílim. Thiocfá ar chuisle mar sin scaití / Ghabhfainn ar farraige inniu dhá mbeadh fear fobhairne agam, ach sin é an buille. Cáil an fear fobhairne

ab fhiú dhuit a thabhairt leat den bhaile seo. Níl a leithide ann / Níor mhór dhuit fear fobhairne i gcomhnaí sna báid iomra annseo.
Tá siad mí-stuama. Theastódh fear ar 'chaon mhaide. / Bhí sé fhéin ar an teile ag gabhail an bháid agus an fear fobhairne chun tosaigh ag crapadh an tseóil chinn. Sin é an uair a tháinig an chuaifeach.
Scuab sí an fear fobhairne i bhfairrge. B'fhada a chaith sé as cionn uisce i sruth na stiúrach. Chaith an fear eile ceann téide chuige, ach níor eirigh leis a tapú / Bhí mé uair ag fanacht le fear fobhairne a chuirfeadh an churach siar a chúnamh dhom, ach diabhal duine a bhí ag teacht. "Buailfidh mé fhéin faoi", adeirimse faoi dheireadh agus faoi dhó. "Rinne mé cheana é gan fear fobhairne ar bith". Ach m'anam má rinne narbh é an lá sin é. Dhá mbeadh breith ar m'aiféala agamsa agus mé leath cuain choinneóinn stuaim ar an bhfoighid, agus ní chorróinn as an áit a raibh mé. Bhí farraige ghárha ann agus an sruth i m'aghaidh]/ Cén fear fobhairne atá aige san mbád mór nó an leis fhéin ar fad í / Sé S. máistir na gleóiteóige. Níl P. ach in a fhear fobhairne aige. Tá mé ag ceapadh go bhfuil dhá chuid ag S. inti / An mac atá in a fhear fobhairne anois aige. Más é fhéin, is togha bádóir é. Níl a bhualadh ann. Níl fharraige dhá mhéid indon aon-scáth a chur air. / Dhá mbeadh fear fobhairne ar fónamh san gcurach agam an lá sin, ní loicfinn.
Bhí an-fharabógaí farraige ann, ach bheadh cóir againn isteach. Ba bheag an stró a bheadh ar dhá churachóir mhaithe a theacht abhaile. Maidir leis an gceann a bhí in éindigh liomsa ní raibh ann ach sbogán nar cheart dó a dhul chun farraige chor ar bith /[Bhí mise ag teacht aníos an daingean lá agus chonnaic an fear fobhairne a bhí agam — S. Gh. — na breilleógaí léin sin. Ba bheag nar thuit sé as a sheasamh. Ba é bum an tseoil mhóir a choinnigh ar a chosa é. Ara diabhal áird ar bith a thug mise orra!]/ Sé S. an fear fobhairne atá aige. Ní dhéanann sé tada gan a cheadú / Níor mhór dhuit agad d'fhear fobhairne an lá sin. Bhí do chnaipe déanta marach go ndearna sé tártháil ort. Mharódh na Peaitseachaí thú / Níl fear fobhairne ar bith ag an tuíodóir breá seo thíos, ach é ag freastal air fhéin. Shílfeá ar a

laghad ar bith go ndéanfaidís na baibíní dhó, ach diabhal déanamh / B'fhearr liom iarraidh go mór a fháil ar Sh. Sé an fear fobhairne é atá aige. Níl iadhadh air ach ag maoidheachtáil leis. Is maith glan a choinneós sé fhéin as chuile thromásc, pé aca sin é / 'Ar ndó sé an fear fobhairne atá ag an seairsint é. Ní dhéanann an seáirsint tada gan é a cheadú. Isteach chuige atá sé rite chuile phuinnte / Beidh fear fobhairne ag an sagart sin is chuile bhaile nó is cinniúint air é. Nuair a bhéas snaidhm ar bith air rithfidh sé go dtí iad seo go dtuga siad chuile scéala dhó. Is beag an néal ar an ógánach sin! / Sin é an fear fobhairne atá ag Debhalera sna bólaí seo. Tá sé cho dílis dó sin anois, agus diabhal aithne air nach íocaíocht a fhás sé ar a shon. Do dhúshlán aon-cheo a rá faoi Debhalera as a chomhair. Spréachfadh sé a dheárthair mo chroí. Spréachfadh a mh'anam agus thiúrfadh sé fút garbh é / Coinnigh leat é sin. Sin é an fear fobhairne atá ag an "mboss". Is mór a d'fhéadfadh sé sin a chur ann duit, dhá mbeadh sé leat, ach is mór a d'fhéadfadh sé a chur as duit ar an gcóir chéanna. Níl aon-cheo dhá ndéarfaidh sé nach shin é a dhéanfas an "boss". Bíonn an bheirt ag ól in éindigh chuile oíche /

Fimín: Bun driobaill bó nó gamhna; an chuid den drioball atá i gcomhgar na tóna agus an scothaigh [Ainmfhocal: Fireann]
Fimíneach: Ainmfhocal: Fireann: beitheach a bhfuil sé d'fhaisean aige a bheith ag ithe an driobaill de bheithigh eile; bearbóir.

Tá an drioball tuite di go fimín isteach / Níl ar an ngamhain siúd ach fimín beag driobaill. Thuit sé dhó (dhe) hébrí cén fáth é. Le truailleachas is dóigh /[Nach beag an drioball atá air. Fimín beag. Tá sé bearrha ag an gcuid eile dhó / Bhain sí an drioball den mhadadh amach ón dúid. Níor fhága sí fimín ar bith air / Nach hí an fimíneach de bhó í ag bearradh drible an chuid eile mar sin. Dheamhan bó a chonnaic mé ag teacht as an ruta céanna ariamh nach mbeadh "demur" eicínt uirri]/ Díol an fimíneach de ghamhain sin agad. Sin nó cuir fuath fíona ar dhrible an chuid eile. Níl iadadh air ach dhá gcangailt /

Follasach: follastaí: Aidiacht [: "follastaí" go minic ar an Achréidh]: solasach: soiléar: ro-fheicsiona: ro-thuighe: greannta.

Tá na cnoic an-fhollasach (: an-fhollastaí: Achréidh) inniu. Báisteach atá air arís / Bhí sé annsin as comhair do dhá shúl cho follasach le coca féir, agus ní fhaca tú é in a dhiaidh sin /[Ní fhaca mé tithe Árann cho follasach ariamh agus a bhí siad inniu. Sin athrú aimsire / Feicimse follasach go maith é muis pérbith céard a dhéanfas tusa / Chonnaic mé an sonnda uaim agus é an-fhollasach. Ní fhéadfadh sé a bheith ní ba follasaí dá mbeadh mo láimh leagha air / Tá sé sách follasach le feiceál agad, má osclaíonn tú do dhá shúil. Nach shin é annsin é!]/ Is diabhlaí follasach atá tithe Bh. inniu. D'fheicfeá na cearca istigh ar an urlár ionta! /[Tá tigh Sh. Th. follasach inniu thar mar a bhí sé inné. Bhí smúit san aer inné / Sonnda follasach a bhí ann]/ Tá teach follasach aige. Teach ceann slinne, agus é ar an árd ag béal an bhóithrín. Ní fhéadfá a dhul amú air / Déanann tú scríbhneoireacht an-fhollasach bail ó Dhia ort = soiléar so-léite / Níl an prionnda atá san bpáipéar seo sách follasach domsa d'uireasa mo chuid spéacláirí / Tá ball dóráin follasach uirri faoin a smig / Gruaig fhollasach atá air. Bíonn gruaig ruadh follasach i gcomhnaí /[Siopa follasach atá aige. Tá sé i lár na sráide agus airde agus méid aige ar a bhfuil de shiopaí eile san tsráid. Feicfidh tú an t-éadach ar an bhfuinneóig / Is follasach don tsaol fódlach nach bhfuil a cheird aige]/ Tá sé follastaí nach ndeachaidh sé ann. Dhá dteigheadh ní ag cur tuairisc faoi a bheadh sé / Is duine mí-shlaintiúil í. Tá sin follastaí go leor / An bhfuil an bhróig sin sách follasach agad, nó an dteastaíonn tuilleadh solais uait len a deasú / Is follasach dom anois nach ndearna mé an ceart. Ach in a dhiaidh a fheictear a leas don Éireannach, adeir siad / Dhá mbeadh an creideamh sách follasach in a n-intinn, ní dhéanfaidís rud mar sin. Ba bheag an baol orra /[Tá sé sách follasach domsa ar aon-chor gur bréag é sin hébrí céard a dhéanfas tusa / Is follasach nach bhfuil aon-mhaith a bheith ag

caint leis. Sí a chomhairle fhéin a dhéanfas sé dhá mbeadh an saol ag caint / Is follasach gur chuir tusa fataí cheana bail ó Dhia ort! Tá na múslaí agad! / Is follasach nach raibh tú ann ariamh th'éis a bhfuil de chaint agad faoi. Dhá mbeitheá, ní fhéadfá gan an áit atá mise a rá a thabhairt faoi deara. Tá sé sunntasach]/ Ní fhéadfaí gan breith air. Theigheadh sé ro-fhollasach ar an abhainn. Nar fhéad na maora é a fheiceál ag dul ann chuile phuinnte / M'anam nach gar dó a bheith ag ceilt nach mbíodh sé ag cúirtéaracht léithi. Sé a bhíodh, agus go follasach! /[Na tithe ósta sin thiar! Ara diabhal póilí ar bith a chuireas aon-chaidéis orra sin. Leigfidh siad isteach annsiúd cho follasach as comhair an tsaoil thú Dé Domhnaigh agus a leigfidís lá den tseachtain / Ní fhéadfaí gan breith air. Nach raibh sé dhá dhíol ro-fhollasach! An fear nach bhfaca sé ariamh thiúrfadh sé buidéal poitín dó cho maith leis an té a mbeadh sé in a dhá chuid déag leis]/ Marach cho follasach agus a rinne sé é, bhí an báire leis. Más le duine caimiléaracht a dhéanamh, ní mór dó a bheith cuibhiúil! / Chuir sé chun tuiscint dom go follasach nach dtiúrfadh sé aon-cheann dom mar n-ólainn cupla pionnta. Sin í an tslíomadóireacht atá orra leo (: tuitíní). Gheobhaidh fear an óil iad, ach tá chuile dhuine eile asta /

Fuiléimneach: Fuiléimreach: Ainmbhriathar: Ainmfhocal: léimneach; leipreach eirí in áirde; spraoi: macnas mar a bhíos ar siúl ag aos óg agus iad ag sugradh i ngarrantaí, nó ag ceann bóthair.

Tá sé ag fuiléimneach annsin in éindigh le na gasúir sin thíos. An fhad agus a fhanfas siad sin in a aice, ní thaobhóidh sé aon-dinnéar /[Tá ceart agaibh ur ndíol den fhuiléimneach sin a bheith agaibh ó mhaidin. Ní thuirseódh an saol sib / Níl aon-ghnatha agad a bheith ag fuiléimneach in éindigh le na rúscairí sin. Gortóchar tú, Dia aithníthear! / Tá gasúir an tí seo imithe ag fuiléimneach agus ag fiodarinnce thíos i mbéal an bhóithrín. Ba cheart a mbacadh. Áit chontúirteach é sin i bhfad uainn an anach-ain! = cuirtear "fuiléimneach" agus "fiodarinnce" le chéile / Thosaigh an capall ag fuiléimneach agus ag fiodarinnce ar fud an gharraí cho luath agus a chuir

mé isteach an bhearna í. Dheamhan a leithide de mhacnas! Shílfeá nach bhfaca sí an áit amuigh cheana le mí. Neart díomhaontais! /[Thosaigh sé ag fuiléimneach ar fud an tí, le teann taighd. Is uaidh a theastódh an iarraidh!]/ Bíonn luchain bheaga ag fuiléimneach agus ag fiodarinnce ar fud an urláir annsin ar feadh na hoíche. Dheamhan a leithide de rí-rá a chuala tú ariamh agus a bhíos aca! Airíonn siad nach bhfuil aon-chat annseo / Is breá scolbánta an fás fir é bail ó Dhia air! Chonnaic mé ag fuiléimneach annsin thíos in éindigh le na gearrbhodaigh Dé Domhnaigh é, agus má bhí fhéin dheamhan tuilleamaí a bhí aige le ceachtar aca. 'Ag dul in a mháistir scoile atá sé siúd?]/ Leig de do chuid fuiléimneach anois, nó cuirfidh mise laincis ort! /

Faitíos: Ainm-fhocal: fireann: Geiniúnach Uathaidh: Faitiais (ach is minic nach dteagann athrú geiniúnaigh ar bith air].
Faitíos: scannradh; eagla; drilleachas; baol; scéin; scaol; lionnra.

Tá faitíos orm / Chuir sé faitíos orm. Bhí mé ar creathadh /[Chuirfeadh sé faitíos ort breanú air, bhí sé cho hoibrithe sin / Ní mór faitíos a chur air len a choinneál as / Saghd an madadh sna caoirigh agus cuirfidh sin faitíos orra / Ag iarraidh faitiais a chuir orm a bhí sé ach níor chuir sé faitíos ar bith ormsa, ná ní chuirfeadh dá mbeadh sé ag scillige cainte ó shoin / Shíl sé go gcuirfeadh sé faitíos orm. D'eirigh sé róm ar an mbóthar agus bráillín gheal air / Cuireadh faitíos ormsa cheana san ngleann sin, agus tabhair faitíos air! Ba faitíos dháiríre é. Ní raibh mé chugam fhéin go ceann bliana aríst = faitíos neamh-shaolta — faitíos taibhsí — atá i gceist annseo]/ Beidh tú amuigh nó go gcuirthear faitíos ort! Nach bhfuil a fhios agad go bhfuil an bóithrín sin síos sidhiúil, fuagraíomuid deá-chomharsanacht orra, agus síochán barainneach inniu Dé Máirt! / Is furasta faitíos a chur air sin. Torann ar bith a chloisfeadh sé taobh istigh de chlaidhe, thuitfeadh sé as a sheasamh! / Tá faitíos orm go dtiocfaidh an lá fliuch / Tá a sheal tugha, tá faitíos orm /[Ní thriomóidh aon-fhód móna i mbliana, tá faitíos orm / Tá faitíos orm nach bhféadfaidh tú a dhul ann anocht muis / Má tá an phian ag cothú air fós, tá faitios orm dó = is faitíos liom nach ndéanfaidh

sé aon-mhaith; go mbásóidh sé]/ Mara bhfuair tú do do chuid airgid fós, tá faitíos orm duit / Tá faitíos orm dó gur goidhe atá sé, nuair nach bhfuil sé san áit ar leag mé é / Marar thug sé sin aon-ugach dó faoin inín, tá faitíos mo chroí orm dó, nach bhfuighe sé bean ar bith / Tá an-fhaitíos (dubh-fhaitíos, an-fháitíos go deo, fíor-fhaitíos, faitíos mo chroí etc.) orm nach dtiocfaidh sé / Bhí an t-an-fhaitíos air go mbuailfí é / Tá dubh-fhaitíos air go gcuirfí san bpríosún é / Bhí an dubh-fhaitíos air ag dul isteach / Bhí faitíos mo chroí orm go n-ionnsóchthá é / Tá faitíos a chroí air anois go dtiúrfaí uain d'aonduine eile air fhéin]/ Faitíos ar Sheán go deimhin! Fuair sé amach muise an fear a mbeadh faitíos air! = níl faitíos ar bith air / Feicfidh tú fhéin nach gcuirfidh sé aon-araoid ormsa. Tá an faitíos mór air, ón uair údan ar bhuail mé dual na druinne air / Baol air sin aon-chaidéis a chur ar mhuinntir Ní! Tá an faitíos mór air ó bhuail siad cheana é / Bhí an faitíos mór orm, agus ní gan ábhar, arsa tusa / Is minic a bhí faitíos ar dhuine gan ábhar = leathfhocal / An té a bhuailtear san gceann bíonn faitíos air = sean-fhocal: an rud a theangmhaigh leat cheana, ní mian leat a dhul ag pléidh leis aríst /[Diabhal pléidh a bhéas agamsa le scadáin le mo ló aríst. Feacha an bhail a chuir siad cheana orm … Beannacht Dé dhuit a dhuine sin. Chuir siad go doras an bháis mé. Scadáin lofa a d'ith mé. Agus níor ghlac mé éiseall ná a dhath leo agus mé dhá n-ithe. Ach ní íosfaidh mé aríst díobh le cúnamh Dé. An té a bhuailtear san gceann bíonn faitíos air]/ M'anam nach ngabhfaidh mise ag imirt leat. Fagh cearrúch eicínt eile anocht. Th'éis mo shé scilleacha a chailleadh aréir gan ionú ar bith! An té a bhuailtear san gceann bíonn faitíos air a mhic ó! / Tá faitíos an tsaoil air go ndéanfaidh tú aon-cheo air / Is údar faitiais é an slaghdán seo. Tá sé ag criogadh daoine / M'anam muise mar adúirt tú, más aicíd atá ann gur údar faitiais é / Rith sé le teann faitiais (: le corp faitiais, le neart faitiais, le cac

faitiais, le méid a fhaitiais etc.) / Le neart an fhaitiais a bhí air, níor bhain sé cois de rith nó go ndeachaidh sé isteach beal an dorais / Le méid an fhaitiais a bhuail mé, bhí an fhor-allas liom / Chuaigh an faitíos cráite air cheana. Tá sé ag dul chun dánaíocht aríst muis / Tá sé siúd ar bheagán faitiais = níl mórán faitiais air / Is beag a fhaitíos ort a dhul dhá dhéanamh sin aríst, agus an liúradh a fuair tú cheana faoi / Nach beag a fhaitíos é, a Thiarna Dé, a dhul amach an tráth sin d'oíche! / Is lú faitíos Seán ná Pádraig, agus ní dhéanfadh Seán é in a dhiaidh sin / Is mór m'fhaitíos nach ndéanfaidh sin cúis / Is mór m'fhaitíos go n-aimhseóidh sé thú má chasann tú leis / Is mór m'fhaitíos nach bhfuil an ceart agad. Dhá mbeadh, bhí againn / Níl imní ná faitíos air]/ Tháinig sé in a fhaitíos orm nuair a chonnaic mé an bheirt ag teacht = tháinig faitíos orm / Tá sé in a fhaitíos síos an baile inniu, nach dtiocfaidh aon-ghráinne plúir níos mó / Tá sé in a fhaitíos anois! An bhfeiceann tú ag balú leo iad? / Tá sé ag teacht in a fhaitíos air anois de bharr a bhfuil daoine a chumadh dhó / Tá mé i bhfaitíos faoi = tá faitíos orm gur eirigh aon-cheo dhó; tá imní orm / Tá mé i bhfaitíos faoi mo phunt, nach bhfuighidh mé níos mó é / Bhí mé i bhfaitíos faoin asal, gurb iad na tincéaraí a d'árdaigh leó é / Is fear i bhfaitíos é anois, nó tá mise ag dul amú! = tá an-fhaitíos air / Ba fear i bhfaitíos mise ar chaoi ar bith nó gur chrap an anachain sin (: duine drochmhúinte) leis / Ba bean i bhfaitíos í ar feadh na hoíche go raibh an mac imithe / Bhuail faitíos é = tháinig faitíos air (ach gur tobainne é "bhuail") / [Ná teagadh scáth ná faitíos ort annseo / Ná glac scáth ná faitíos roimhe. Dar a shon! / Ghlac sé faitíos nuair a chonnaic sé an póilí / Cén t-údar go nglacfá scáth ná faitíos roimhe? Cén tuilleamaí atá aige leis? / Ghlac an capall faitíos nuair a chonnaic sí an mótar / Bí ar beagán faitiais roimhe! 'Ar ndó' ní beann atá agad air?]/ Ghlac sí roint

riar (roint etc.) faitiais nuair a chonnaic sí an bus ach ba bheag é / An mbíonn faitíos ort roimh thaibhsí? / Tá an-fhaitíos aige (air) roimh fhliuchán = cuireann sé faitíos air go bhfuigheadh sé fliuchán /[Fainic a mbeadh aon-fhaitíos ag an gcapall sin roimh an "steam-roller". Mara bhfaca sí ariamh í, b'fhearr dhuit duine eile a thabhairt leat dhá cinnireacht thairti]/ Tá sé caillte le faitíos rómhatsa / Bhí sé caillte le faitíos a dhul abhaile / Níl rud ar bith is mó a bhfuil faitíos agam roimhe ná an fharraige / Is mó faitíos mise roimh an ngála ná roimh an toirneach. Ach chreidim gur measa í an toirneach go sábhála Dia sinn. M'anam go bhfuil an gála féin domáisteach go leór / Níl d'fhaitíos aige siúd roimh T. ach an oiread agus a bheadh aige roimh dreóillín / Níl d'fhaitíos orm anois ach go mbeidh sé imithe róm / Bhí an fear thiar dhá chaidhleadh le clocha. Dheamhan d'fhaitíos a bhí air (aige) roimhe in a dhiaidh sin! /[Ghabhfadh sé i bpoill agus i bpruchógaí le faitíos rómhatsa]/ Is fear gan faitíos (: gan mórán faitiais, gan a dhath faitiais etc.) thú agus a dhul abhaile in t'aonraic an bealach sin 'chuile oíche san aer / Is duine gan aon-fhaitíos é roimh Dhia ná Mhuire, agus caint mar sin a rá leis an sagart / Bhí faitíos orm. Ní faitíos go dtí é! / Bhí mé ag téamh le faitíos = faitíos ag teacht orm /[Thosaigh sé ag rith le faitíos / Bí san áirdeall ar an ngamhain faitíos (: ar fhaitíos, le faitíos) go mbuailfeadh an ceann eile é / D'fhan mé uaidh ar faitíos go gceapfadh sé gur ag brú air a bheinn / Fan de chuideachta dhom anocht ar fhaitíos nach dtiocfadh S. / Bhí sé ag creathadh le faitíos a dhul amach]/ D'fhan sé in a shost (le, ar) faitíos labhairt / Cén fáth ar imigh sé? Faitíos dhá bhualadh (faitíos a theacht air). 'Deile? / Cén fáth a ndéanfadh sé é, adeir tú? Cén fáth, ach faitíos a bheith air? / Chuaigh faitíos air thiar = cuireadh faitíos air; he was threatened; he saw a ghost / Má theigheann faitíos air — agus is furasta sin a chur air — ní labhaireóidh sé níos mó / As faitíos

a rinne sé é = de bharr faitiais / Dúirt sé é sin as faitíos /
Bhí mé faoi fhaitíos an uair sin = bhí faitíos orm / M'anam
nach ag creathadh ag an bhfuacht, ach ag creathadh ag an bhfaitíos
a bhí sé = leis an bhfaitíos = ba leis an bhfaitíos a bhí sé ag
creathadh / Chuaigh ag an bhfonn ar an bhfaitíos air (fc. "fonn" agus
"dul" / Bhí faitíos aige roimh an dearthair, ach chuaigh ag
an bhfonn ar an bhfaitíos air in a dhiaidh sin, agus
thosaigh sé ag spochadh léithi. Diabhal easna den deárthair
nach dteagann isteach, agus nach mbeireann air … /
B'fhada a chaith sí idir fonn agus faitíos, ach chuaigh ag
an bhfonn ar an bhfaitíos uirre san deireadh, agus
m'anam ón diabhal go ndeachaidh sí ag an damhsa. Tháinig
an t-athair i lár an mheán-oíche thall agus fás fuinn-
seóige aige, agus thosaigh sé ag gleáradh an dorais leis … /
Ní leigfeadh an faitíos dó féin druid a rá marach gur airigh
sé an teannadh ar a chúl aige / Ní leigfeadh an faitíos dó a
dhul taobh amach de dhoras ó a thuitfeadh oíche dhá bhfádh sé Éire
bronnta air / Bhain an t-ól an faitíos dhó (dhe) / Sin é an
uair a d'imigh an faitíos díom, agus níor imigh go dtí sin /
D'fhan faitíos air go ceann bliana in a dhiaidh
sin /[B'fhada a chaith faitíos air róm aríst / Ní mór
duit faitíos a choinneál air sin, nó eireóidh sé in do
mhullach]/ Níl fuacht ná faitíos orm rómhat / Chuaigh sé chun
faitiais air = tháinig faitíos air / Tá sé ag dul chun
faitiais ar an bhfear seo istigh / Chuaigh an faitíos go smior
ann an oíche sin, agus níor scar sé leis ó shoin /[An
faitíos a chuir S. Dh. air, níor scar sé leis ariamh in a dhiaidh /
D'fhan mé as, faitíos achrainn = ar fhaitíos go mbeadh achrann
ann / Déanaighí cocaí den fhéar faitíos báistí = ar fhaitíos
go dtiocfadh báisteach / Tháinig sé abhaile faitíos cogaidh]/
Fainic thú fhéin anois faitíos troda / Teigheadh muid abhaile
faitíos sneachta / Fanann sé den bhóthar anois faitíos an
tsagairt / Déan go cuibhiúil é, ar (le) fhaitíos spiadóireacht /
D'fhan sé le faitíos imeacht / D'fhága sé annsin é le faitíos

a ithe / Tá sé beo-phianta inniu faitíos "dole" (.i. faitíos go mbainfí an "dole" dhe) / Ní chorródh sé amach faitíos fliucháin (: ar fhaitíos go bhfliuchfaí é) / D'fhan sé as an teach sin ar an bpuinnte faitíos tinnis (.i. ar fhaitíos ag dtóigfeadh sé an tinneas a bhí ann) / Tá faitíos pósta air = tá faitíos air pósadh / Tá fonn air a dhul go Sasana ach tá faitíos imirce air in a dhiaidh sin / Tá faitíos eirí orm, mar b'fhéidir gur mé a bhualadh síos aríst a dhéanfaí / Níl faitíos a bháite air ar chuma ar bith agus an teanntás a níos sé ar an bhfarraige /[Ní raibh faitíos mo phlúchadh (: mo phlúchta) ariamh orm thar fhaitíos ar bith / Tá faitíos a bhriseadh air, má theigheann sé ag obair cho moch sin / Breathnaigh amach indiaidh an asail sin ar fhaitíos na fálach thuas (fc. fálach)]/ Fan as faitíos na contúirte go sábhála Dia sinn! / Níor mhór dhuit clúdadh thairis sin a chur ort fhéin faitíos slaghdáin / Dúin an doras sin faitíos na heirimisce = faitíos na fálach thuas = faitíos gadaíochta dá bhfágtaí oscailte é /[Cuir an sceach san mbearna faitíos na heirimisce. Tá asail ag fálróid ar na bóithrí sin, agus gabhfaidís isteach ann ar an bpuinnte. Cén bhrí ach dhá leagaidís an claidhe thoir agus a dhul san iothlainn! / Cuirfidh mé isteach san gcró é, agus dúinfidh mé air, faitíos na heirimisce. Is fhearr glas ná aimhreas]/ Má thugann tú an tabhairt ort fhéin, agus an snáth-feamainne a eirí leat, scoilt go maith í, faitíos na heirimisce. Tá fir istigh ar an mbaile seo, agus ghabhfaidís síos in do dhiaidh ann, agus dheamhan a dhath carghaís a bheadh orra a tógáil ort. Shéanfaid-ís go raibh sí scoilte chor ar bith / Ná fág an t-airgead sin annsin faitíos na heirimisce. Cá bhfios duit cé a bhuailfeadh isteach agus a chuirfeadh crúib air ingan fhios duit. Ní fear cneasta é gach fear dhá dteagann ar do theallach! / Ná cuir na beithigh sin san ngarraí siúd thuas inniu faitíos na heirimisce. Is fánach an chaoi a ngabhfaidís i mbradaíl sna goirt atá ag an gC.

annsiúd len a n-ais. Caithfidh mé na claidheachaí a bhiorrú as seo go tránóna / Ná fág an seaicéad sin leis an tine ar fhaitíos na heirimisce. Ghabhfadh na cait sin ag macnas leis ar an bpuinnte, agus ní chomhnóidís go strachlaídís isteach i gceartlár na coigilte é. Triomóidh sé amáireach amuigh ar an tom / Bain amach an briogadáin sin as roth an "bhicycle", faitíos na timpiste = ar fhaitíos go leagfadh sé thú [deirtear "faitíos na timpiste" freisin in áit "faitíos na fálach thuas", agus "faitíos na heirimisce". Sé is minice ag aos óg, in áiteachaí go háirid] /[Coinnigh amach ón rud sin faitíos na timpiste. Ní bheadh a fhios agad céard é sin / Is fhearr dhom a dhéanamh as láimh faitíos na timpiste. An rud a theigheas i bhfad, teigheann sé chun roighineadais = le faitíos nach ndéanfainn arís é / Cuir géibheann ceart air faitíos na timpiste. Tá na hasail sin mallaithe. D'imeóidís uait as comhair do dhá shúl / Is fhearr dhuit an ghlaicín choirce atá thoir annsin ar sraith a cheangal agus a stucadh faitíos na timpiste.
Níl an lá le trust. = faitíos báistí; faitíos na fálach thuas]/
B'fhearr do dhuine eicínt cuairt a thabhairt ar na beithigh siúd ag an gcladach faitíos na timpiste. Bhí tuile mhór san gclaise siúd aréir, agus is rí-fhánach a ghabhfadh ceann aca in ascar inti /
[Teirigh ag an dochtúr leis an taobh sin agad faitíos na timpiste.
Deir tú go bhfuil an phian ag smearadh amach. Sin deá-chosúlacht. Deir siad má smearann an phian gur comhartha é nach bhfuil aon-asna briste. Ach ní bheadh a fhios agad. Is fhearr a dhul roimhe in am / Ná fág an buicéad uisce ar formhás annsin faitíos na timpiste. Tá an catmara ar na gasúir sin. Ba gearr orra a dhóirteadh anuas ar fud an tí]/ Bhí faitíos m'anama orm = an-fhaitíos / Ná bíodh faitíos ort. Beidh an scéal sin ceart = don't worry! /

Faiteach: Aidiacht a fhreagraíos do fhaitíos, cé go mbíonn ciall le "faiteach" scaití nach mbeadh le "faitíos" amach agus amach.
Faiteach: a bheith i bhfaitíos; scáfar; lionnraithe; drilleach; critheaglach; cúisiúil; coimhthioch; ro-gheitithe; ro-scanraithe; ro-scéinithe; giongach; neamh-theanntásach.

Duine an-fhaiteach é = "timid" an míniú is fhearr air seo thríd agus thríd /

Tá sé cho faiteach agus a bheadh coinín / Capall an-fhaiteach í siúd aige = giongach, ro-scannraithe; ro-scéinithe / Nach hí atá faiteach anois nach dtaobhódh duine. M'anam nach bhfuil an deirfiúr eile amhla: gurb í atá friochanta, téisiúil agad! /[Tá sé sin cho faiteach agus nach bhfuil teacht i láthair ar bith ann. Ní dhéanfaidh sé aon-chúis = coimhthioch, cuthaileadas air / Bíonn sé an-fhaiteach san oíche = faitíos roimh thaibhsí aige / Tá na caoirigh sin thuas an-fhaiteach má airíonn siad an madadh in éindigh leat / Ná bac le cur ar a shon fhéin a bheith in Seán. Tá sé ro-fhaiteach. Dhá ndeirtheá leis gur mharaigh sé duine, ní leigfeadh an faitíos dó a rá nar mharaigh / Bhíodh muid an-fhaiteach fadó. Dhá bhfeiceadh muid póilí ná sagart ag teacht ghabhfadh muid thar claidhe nó go dteighdís tharainn. Tá teanntás thairis sin sna daoine anois]/ Is bocht an chaoi do dhuine a bheith cho faiteach sin ar fad. Céard a fhéadfas aonduine a dhéanamh ort? / Airíonn an girria sin nach bhfuil aon-chú agamsa. Deirimse leat dhá mbeadh go mbeadh sé faiteach thairis sin. Agus deir tú liom go raibh sé amuigh i nGarraí na h-Iothlann. Sách gar do na tithe a mhaisce. Gabhfaidh scaol annsin gan mórán achair muis má mhairimse. / Níor fhan focal ar bith cainte aige ar a dhul suas ar an "stage" dó. Bhí sé in a fhudar fadar. Tá sé ro-fhaiteach l' aghaidh na ceirde sin. Níorbh fhuláir do dhuine an-cheann a bheith air le seasamh in áit den tsórt sin. P. L. an buachaill! /

Frumsó: framsó: an chéad-fhocal de chluiche gasúr:
"Frumsó, framsó: bean a d'eireódh; a dhéanfadh greann; a d'ólfadh leann, agus a bheadh annseo go moch ar maidin"

Framsáil: pramsáil (: an dá leagan): Ainm Bhriathar: Ainmfhocal
Framsálach: pramsálach: frumsálaí: framsálaí: pramsálaí: duine a bhíos ag framsáil, ag fuiléimneach, ag macnas mar a bhíos gasúr, ag gearramansaíocht mar a bhíos capall, ag prionncam; ag bóith-reóireacht, ag fálróid, gabhthach le damhsa etc.
Frumsóg: framsóg: bean óg aerach; guaigseach de bhean; bean a bheadh an tugtharach do dhamhsaí agus d'eirí in áirde.

Tá sé ag framsáil annsin amuigh ó mhaidin, th'éis an éagnach a bhí inné air / Leig de do chuid framsála anois. Tá sé in am agad a bheith tuirseach feasta / Is cuma leis an mac atá san teach seo é, ach ag imeacht ag pramsáil leis. Dheamhan amharc a fheictear air aon-oíche Dhomhnaigh go mbíonn sé an h-aon a chlog ar maidin, ná an uair sin fhéin scaití /[Bhí sé in a fhramsáil dhamsa ann / Níl aon-damhsa agam ach bím ag pramsáil liom ar nós an chuid eile aca / M'anam go bhfuil framsáil ar aire an cheann se'againne ar an aimsir seo. Tá speireach ar a chois / Ní iarrfadh sí aon-bhuille maitheasa a dhéanamh go héag ach cead framsáil a fháil ar bhóithrí / Shílfeá go bhfuil an capall ag framsáil air. Tá an braon mór inti sin = ag gearramansaíocht; ag fuiléimneach le fonn macnais nó siúil / Sin an-údar asail. Níl agad ach a chur faoin gcarr agus tosóidh air ag pramsáil ar an toirt ag iarraidh bóthar a thabhairt dó. / Is tarbh oilbhéasach é sin aige. 'Bfhaca tú ariamh é ag framsáil agus duine ag dul thairis an bóthar. M'anam go gcuir -feadh sé a smut amach thar chlaidhe go dtí thú!]/ Cá'id ar an bpramsáil sin é. Rachmall pósta atá dhá bhualadh go siúráilte / Nach hé an framsálach é (pramsálach, frumsálaí, frum-sálach etc) = duine a mbeadh macnas léimní, spraoi, damhsa etc. air / Marach gcoinní tú an pramsálach de chapall sin ceannsaithe, agus gorta a thabhairt di, is gearr go ngabhfaidh sí ó smacht ort ar fad. Rachmall beatha atá uirre / Cé a phósfadh an framsálaí sin? Ní bhfuigheadh sé bean in a shiúl ionnsaí roimhe seo, ach chreidim gur in a leithide is mó atá saint ag mná anois /[Ba cheart go mbeadh an pramsálach sin thuas ag P. go maith ag bualadh "ailí". Ní cheal macnais air muis / Cé leis an fhramsóg sin? Is aoibhinn don té a gheobhas í. Coinneóidh sí an croí dhó ar chaoi ar bith! / Diabhal a leithide de fhrumsóg de bhean a chonnaic tú in do shaol ariamh. Níl luach leithphínne ag cur imní uirre ach damhsaí agus "routáil". Ní san aeríl a chaill sí ar chuma ar bith é]/ Framsóg mná a fuair sé. Ach deir tú léithi ar chuma ar bith a chuaigh i gcois dhá leith ar an gcapall! A dhiabhail nach hí an marcach í! /

Fán: Ainmfhocal, Fireann; Geiniúnach Uathaidh: fáin

Fán = seachrán, fuaidreamh; imeacht; amú; diomallú; ag obair ar pháighe; chun drabhláis; díbirt; imeacht mhí-rathúil; mí-rath; ar staid mhí-fhortúnaigh.

Fánaí: [le fear] = ar páighe; ag spailpíneacht; ag saothrú.

Fánach: Aidiacht = gan chrích; neamh-rathúil; mí-bhantáisteach; neamh-thairbheach; siléigeach, faillíoch, beag-mhaitheasach, neamh-shuímiúil; le thob ann agus thob as; beag a mhaith; neamh-acmhainneach; annamh; ar nós chuma liom; pleibeach.

Fánaí: fánadóir: Ainmfhocla = duine a bhíos ag fánaíocht; duine a bhíos ag imeacht ar bheagán maitheasa; duine a bhíos ag fálróid in ainm agus a bheith ag obair ach nach mbíonn sé ag obair; duine a bhíos ag déanamh oibre arb fhearr gan déanamh í; duine a bhíos ag imeacht indiaidh a chinn roimhe.

Fánaíocht: Ainm Bhriathar; Ainmfhocal = ag imeacht ar bheagán maitheasa; ag imeacht ag fálróid gan faice oibre; ag streilleacas nó ar fuaidreamh.

Fánadóir: Ainmfhocal = duine a bhíos ag imeacht indiaidh a chinn roimhe; duine luainneach; duine a bhíos gan aon-chomhnaí a dhéanamh i gcionn a chuid oibre.

Fánadóireacht: mar a bhíos fánadóir; ag fánóireacht /

Tá fán air = é imithe ar seachrán nó indiaidh a chinn roimhe; duine nach mbeadh aon-áras seasta aige fhéin / Tá an fán fada anois air = é imithe i bhfad ó láth -air indiaidh a chinn roimhe / Fán fada go raibh air, mara fada ó bhaile a chuaigh sé ag iarraidh mná! /[Tá fán air ón a mhuinntir fhéin / Tá sí imithe ar fán ón a muintir fhéin / Sin é an fear a chuir fán uirre ón a muinntir féin. Agus ní phósfadh sé í in a dheidh sin. Shíl sí go raibh léithe — go raibh sí ar rothaí an tsaoil — ach a bheith ag cómhrádh leis sin. Caithfidh an dícéille fhéin a bheith ann, go bhfóire Dia orainn!]/ D'imigh sé chun fáin = chuaigh sé ar seachrán nó indiaidh a chinn roimhe i bhfad ó bhaile /[Is mór ar chuir a athair sin fán orra roimhe seo. Bhánuigh sé an baile sin thoir ar fad. Droch-thiarna a bhí ann. Ach tá na préacháin ag déanamh neadrachaí in a chuid simléar anois]/ Ní shásódh rud ar bith anois é ach fán a fheiceál ar a bhfuil san teach sin thíos. Dhá bhfeiceadh sé féar go fragh leis bheadh glionndar air / Ní chomhnóidh sé go gcuire sé fán ar fad ort / Tá sé imithe le fán an tsaoil anois = chun drabhláis; bochtuithe; ar seachrán; gan aon-chrích / Chuaigh sí le fán (an tsaoil) an dílleachta bocht = chaill sí a cliú agus rl. / Bhí sé le S. ariamh ariamh nó gur chuir sé le fán é. Dhíbir sé as an teach é / Cuireann an ceann céanna chuile shórt le fán = amú; diomalluíonn sé chuile shórt; fágann sé gach

rud in a dhiaidh / Sén píoban (an t-ól) a d'fhága fán air. Diabhal ceó eile /[Is cosúil go bhfuil na gamhna seo imithe le fán = ar iarraidh / Shíl mé go raibh sé sin in a shuí go te, nó céard a chuir fán agus seachrán an tsaoil mar sin air?]/ Tá an fán fada agus an seachrán anois air ar chaoi ar bith / Tá fán síos agus suas ar fud an tsaoil air ón lá sin ar thug an sagart a mhallacht dó / Tá an cupla sin ag dul i bhfán ar a chéile ceart críochnuithe. [Ní dhéanfadh sise a mhalrait seisean d'fhear, agus ní dhéanfaidh seisean a mhalrait sise de bhean, agus níl an tsean-lanúin sásta, agus níl sise toilteanach imeacht uatha agus dheamhan a fhios agamsa cén súisín é!]/ Chuaigh an bheirt sin i bhfán ar a chéile. Dhá mbeadh ceart le fáil bheidís pósta ag án a chéile, ach daoine eile ag cur a ladar isteach i ngnaithí nar bhain dóibh beag ná mór. [Tá an bheirt annsin anois: ise in a cailleach agus eisean in a sheanduine agus gan brat pósta ar cheachtar aca]/[Níor cheart dó áird a thabhairt ar athair ná ar mháthair, ach a dhul agus a pósadh ó thaithnigh sí leis.] Ní phósfaidh ceachtar aca anois go brách feicfidh tú, ach iad ag dul i bhfán ar a chéile mar sin choíchin / Is fada a chaith mo pháiste ag dul i bhfán orm, ach ó atá sé agam anois ní leigfidh mé uaim é. Faghadh sé bean anois agus pósadh sé istigh san teach seo. Ní bhfuighidh aon-duine eile tús air / Tá sé le fán anois = duine saidhbhir no meath-shaidhbhir a bhochtóchaí agus a ghabhfadh amach ar páighe (fc. fir fánaí) / Is mór an chéim síos dó é go gcaithfidh sé a dhul le fán. Chonnaic sé an dá shaol a mhaisce. [Cuimnímse ar an uair nach mbeadh call dó sin cois a chorraí den chois eile ach neart buachaillí agus cailíní aige le chuile shórt a dhéanamh dhó. Ach tá na caisleáin ag tuitim agus na carnaoileachaí ag eirí]/ Is mór an babhta ar an duine bocht má chaitheann sé a dhul amach le fán. Cén bhrí ach gur chleacht sé sin fuigheall na bhfuigheall ariamh go dtí an saol seo fhéin! / Ní cás dó é má bhíonn sé indon snáth a choinneál faoin bhfiacal agus nach mbeidh air a dhul le fán / "Sé do mhéin mhaith agus do cháilíocht a d'fhága fán orm i bhfad ó bhaile" [as "Cuachín Gleanntán Éifinn"] / Ní féidir fir fánaí a fháil anois = fir a ghabhfadh ar páighe leat de réir an lae nó na seachtaine; ní spail-píní iad go háirid cé go dtiúrfaí ar spailpíní é; d'fhéadfadh do chomharsa bhéal dorais a bheith in a fhear fánaí agad /[Cá bhfuighinn fear fánaí anois. Tá an saol sin imithe. Dheamhan fear fánaí a

thiocfadh leat anois agus iarr ar son Dé é / Bhídís sin uiliog ag imeacht in a bhfir fánaí, agus shaothruigh siad an domhan airgid. Bhí siad an-bharainneach.]/ Fir fánaí a rinne a raibh d'obair annsin ariamh. Mara b'ea ní hiad fhéin é. Ní leigfeadh an spreallaireacht dóibh mórán a dhéanamh. Ní raibh d'fhear fánaí ach scilling san ló an uair sin. Deich bpínne ag baint fhataí, agus chuirfí anuas ar dhá thistiún thú ó bhaileódh sé lá Fheil Mártan. Is deacair a rádh nach mba suarach an saol é /[Ní bhfuightheá fear fánaí anois ag spealadóir-eacht gan dó dhéag san ló agus a bheathú. Agus is díon déirce le duine a bhfáil mar sin fhéin. Tig leó a rogha rud a dhéanamh. Má thogruíonn siad an lá a chaitheamh in a luighe, níl aon-ghoir agad cur chuca ná uatha. Má chuireann imeóidh siad, agus beidh tú gan Murcha gan Mánas annsin]/ Chaith sé a chuid airgid go fánach = gan aon-tairbhe; go neamh-rathúil; go mí-bhantáisteach dhó fhéin / Nach fánach anois a d'imigh mo dhá scilling uaim? = ciotach; gan aon-cheó dhá bhárr / Is fánach anois a chuir mé amach mo phunt ar an dá channa sin, agus dheamhan liobar dhíob a bhéas le chéile bliain ó inniu / Dúirt sé é ceart go leór, ach ba fánach é = gan aon-ró-shuim a chur ann; a rádh gan anró ar bith ar nós chuma liom; casually / Ba fánach a bheannuigh sé dhom inniu chítear dhom. Bhíodh sé an-spleódrach maidineachaí eile / [Bhuail isteach ann go fánach mar dhoigh dhe gur soir chuig an S. atá tú ag dul, agus má fhaghann tú deis ar bith tarraing anuas é / Siúd áit nach bhfuil ag duine ar bith a dhul nó go gcinne air. Shílfeá gur cac agus salachar duine aca faoi rádh's go ngabhfaidh sé ag iarraidh na cupla scillingín "dole" sin orra … Ionntóidh cléireach anall chugad go fánach, agus an tsíorraíocht caithe agad ag fanacht. "'Ar ndú' ní ag iarraidh "dole" atá fear luath láidir mar thusa" adéarfas sé de ghlan-Bhéarla … Go bhfoire Dia ort fhéin agus ar do "bhail ó Dhia"! Níl "aon-bhail ó Dhia" annsiúd]/ Diabhal a fhios agam. Thiocfadh dhó a bheith san nuaíocht. Níor léigh mise í ach go fánach / Duine fánach é = gan aon-mhaith ann ag obair; gan aon-spleódar oibre air; é siléigeach; gan aon-phuinntí fir ann, ná é teannpháirteach ná triollúsach etc. / Bean fhánach a phósfadh é = bean gan mhaith, gan spré etc. / Níl duine dhá fhánaí thíos inGaillimh nach bhfuil aithne aige air = the most insignificant / Thóg sé suas an focailín fánach sin orm / Níl focal dá fhánaí

dhá n-abróchthá as do bhéal nach gcaithfeadh sé 'chuile údar a fháil faoi / Duine leath-fhánach é = pleibeach, seafóideach, gan aon-mheabhair oibre etc / Is dochtúr fánach é sin = gan aon-mhaith; dochtúr nach ndéanfadh mórán / Tá sé an-fhánach faoin a chuid oibre = siléigeach; ar nós chuma liom [deirtear "he is a fánach man" i mbéarla] / Shílfeá go bhfuil sé thuas ag imeacht in a spailpín fánach anois [fc. "le fán", "fir fánaí"] /[Diabhal buille ar bith a níos sé sin, ach ag imeacht go fánach mar sin / Tá ur gcuid féir ag imeacht go fánach annsiúd thíos cheal claidheachaí. Bíonn beithigh an bhaile istigh ann chuile ré solais = go neamh-thairbheach díbh fhéin / Bhí cruach mhóna amuigh ar an mbóthar agam anuiridh agus d'imigh sí go fánach. Goideadh dhá chuid di orm]/ Leig tú uait na muca go fánach. Dhá seasthá ó na ceannachóirí gheobhfá dhá phunt eile an ceann ionta / D'imigh an uachta go fánach san deireadh = go dona / Is fánach an cheird atá air, ag déanamh balla fidín i leabaidh dhó a bheith ag déanamh an earraigh. Ní fhéadfaidh sé an balla fidín sin a chur in a bholg amach annseo ach a dteanna an t-ocras leis / Posta fánach atá aige measaim = posta suarach; posta gan rath / An as an mBóthar Fánach é sin = baile in aice le Baile an Chláir / Tá sí pósta ar an mBaile Fánach annsin thiar = baile in aice Chnoc na nAille, an Spidéal / Chaith sé an lá go fánach = go neamh-thairbh -each / Is fánach dhom a bheith dhá thóraíocht = níl aon-mhaith dhom ann; ní bhfuighidh mé é / Is fánach liom é le ceannacht = tá sé ro-dhona nó ró-shuarach / Is fuar fánach a bhí sé dhá thógáil = ar nós chuma liom agus go drugallach a bhí sé ag ag cur aimsire air; he was indifferent and reluctant in hiring him /[Is fuar fánach an teach atá aige = droch-theach; teach gan mhaith / Tháinig sé a chúnamh dhom, ach b'fhuar fánach uaidh]/ Is fánach uaidh fhéin a dhul ar aon-tsochraide = ar nós chuma liom; loiceann sé go minic / Is fánach uaidh rud a dhéanamh = maoilscríobach /[Is fánach adúirt sé go dtiocfadh. Shílfeá gur mhó an bhrath a bhí aige a rádh nach dtiocfadh / Teagann sé ar cuairt corr-uair, ach is fánach é = is tanaí é; is annamh é]/ Is fánach a d'fheicfeá amach chor ar bith anois é / Is fánach a theigheas sé chuig an Aifreann = corr-uair / Uair fhánach a fhaghas muid aon-leitir as Meriocá anois = i bhfad ó chéile / Is teach fánach annseo muis nachar shiúil an fliú sin = is corr-theach nach raibh sé /

Is fata fánach atá slán chor ar bith san ngarraí siúd = tá an chuid is mó aca lofa /[Is duine fánach a phós i mbliana = corr-dhuine / Lá fánach a níos sé aon-obair = corr-lá / Is fánach an lá oibre a níos sé sin = lá gan aon-mhaith; ní bheadh mórán foghail déanta aige an lá sin]/ Ná fág an buicéad sin ar formhás annsin. Is fánach an chaoi a dtuitfeadh sé / Is fánach (: trifling) an tsiocair a bhí aige: a chois ag ionntú faoi; sin é an méid. / Is fánach mar a bhéas an teach má imíonn sé sin = ní bheidh aon-fhorás ar an teach; teach gan forás a bhéas ann /[Is fánach mar atá sé ag caitheamh a shaoil / Is fánach an rud a tharrain-geódh achrann scaití]/ Tinneas fánach atá air = ní brí é / Tá sé fánach obair an droch-lae a thabhairt isteach trathnóna = ní chúiteóidh forú an trathnóna faillí an chuid eile den lá / Maróidh sé é féin anois, ach tá sé fánach obair an droch-lae a thabhairt isteach trathnóna / Tá sé fánach aige a bheith ag iarraidh a dhéanamh = is saothar in aisce dhó é, a bheith ag iarraidh a dhéanamh; ní eireóidh leis /[Bhí sé fánach agam a bheith ag ceártas leis siúd. Ní raibh aon-ghoir agam air / Tá sé fánach ag aonduine a bheith ag ceapadh go bhfuighidh sé an ceann is fhearr uirre siúd. Is beag an baol. Tá sí siúd ro-imearha / Bhí sé fánach agam a bheith ann in imeacht uair an chloig. Ní bheadh ná le bád aeir / Tá sé fánach aige a bheith ag caint anois. Breá nachar thapuigh sé a ghnatha in am? Ach ní bhíonn aon-chíos ar an gcaint 'ar ndú']/ Beidh sé fánach agad an bullán sin a choinneál san ngarraí siúd anois ó a fuair sé blas na háite eile / Bhí sé ag fánóireacht (ag fánadóireacht) ar an mbóthar ar feadh an lae. / Ag imeacht ag fánadóireacht mar sin a chaitheas sé sin a shaol / Tá sé ag fánaíocht síos annsin le seachtain, gan punta a dhéanamh = ag imeacht gan aon-bhuille maitheasa; ní mar a chéile é agus fánóireacht nó fánadóireacht amach agus amach; fálróid, siúl, fuaidreamh is mó atá i gceist le fánóireacht nó fánadóireacht, ach díomhaontas agus beagán oibre nó seachaint na hoibre le fánaíocht / Fánadóir ceart é. Siúlann sé leis an tír mar sin / Caithfidh sé an chuid eile den bhliain anois ar an bhfánaíocht sin. (= trifling with work). [Ní fhaca mé aonduine ariamh is mó drugall leis an obair ná é]/ Céard atá an fánaí seo thíos a dhéanamh inniu? 'Ar ndú' is beag an rath sin, mo léan = duine a bhíos ag fánaíocht, ach cialluíonn sé fánadóir, (nó duine a bheadh le fán nó ag imeacht indiaidh a chinn roimhe) go minic freisin / Eirigh as an bhfánaíocht agus déan buille eicínt maitheasa, feasta coíchin. Ach níl fír na maitheasa ionad /

Fánaidh (fána) = le fánaidh = leagan Ainm-fhoclach = síos taobh an ísleáin; le feacht, le sruth; ón mbarr anuas; leis an taoille, nó le gluaiseacht na fairrge; caite amach nó síos nó taobh na talúna, nó indiaidh do chinn
Fánán: Ainmfhocal Fireann; Geiniúnach Uathaidh agus Ainmneach Iolraidh: fánáin
Fánán: slis nó gleann nó caitheamh le fánaidh in áit.
Fánánach: Aidiacht as fánán = gleannach; fánáin a bheith ann.

Bhí sé ag dul síos le fánaidh an aird (an chnoic) / Nuair a bhéas tú ag dul le fánaidh; bí san áirdeall ort fhéin go maith, mar níl aon-ghaisce ar na "brakes" sin /[Dhá mbogtaí an chloch sin, níl a fhios cén t-achar a ghabhfadh sí le fánaidh / Chaith sé síos le fánaidh na habhann é de shlat an droichid]/ Tá sé imithe le fánaidh na habhann anois = leis an sruth / Chaith sé amach é féin le fánaidh na céibhe agus shnámh sé isteach ar an tráigh / Thuit sé anuas le fánaidh an chlochair /[Bhí sé thuas ag deasú an tsimléir agus thuit sé anuas le fánaidh an tí. Nach maith a chuaigh sé as? / Thuit sé le fánaidh na srathrach den chapall]/ Chaith sé amach le fánaidh na cruibeach as an "lorry" é / Teigheann na hailleadóirí síos le fánaidh na haille in Árainn ag coilleadh neadrachaí éan / Thuit sé anuas le fánaidh an chrainn / Go dtóige an diabhal le fánaidh aille thú gan dochar gan díobháil duinne! = eascaine /[Ní féidir go bhfuil an madadh imithe aríst! Go dtóige an diabhal le fánaidh aille é, gan dochar gan díobháil do na daoine / Go dtóige an diabhal le fánaidh aille thú — croisim aríst thú! Tá an áit thrín a chéile agad 'chuile phuinnte]/ Gabhfaidh uisce le fánaidh shul a fheicfeas tú aríst é = is fada go bhfeice tú aríst é / Dar Dia is iomdha uisce a chuaigh le fánaidh ó shoin, is iomdha sin = is fadó an lá é sin /[Is iomdha uisce a ghabhfas le fánaidh aríst sul a dtaobhuighe mise é fhéin ná a theach. Níorbh ait liom ariamh a dhul ag briseadh leicín an doichill ag aonduine]/ Is minic a thug tuile fear buile le fánaidh = má bhíonn duine cho danra agus go mbuailfidh sé faoin tuile (abhann, farraige) a cheannsú, b'fhéidir gur báite a bheadh sé; ní cóir duinn bualadh faoi rud atá thar ar n-acmhainn /[Níl leath an chirt leis. Deir siad gur minic a thug tuile fear buile le fánaidh: Sin é a fhearacht aigesan anois é. Ní shásódh tada é go dteigheadh sé in aghaidh an bhaile uiliog, ag déanamh amach go smachtódh sé iad: Eisean atá smachtuithe anois]/ Tharraing sé an iomarca

rudaí air féin. Is maith an rud do dhuine freastal do rud nó dhó. Tá sé gan Murcha gan Mánas anois. Is minic 'ar ndú' a thug tuile fear buile le fánaidh / Cas amach "Ruaigeadh na pise le fánaidh" = ainm poirt / Tá an bhó sin an-mhór le fánaidh = caithe amach agus cromta chuig an talamh; na guaillí a bheith silte síos léithe /[Tá an capall an-mhór le fánaidh. Ní thaithníonn an bhuaic shilte sin liom. Meastú nach bhfuil truisle inte. Thiúrfainn an leabhar go bhfuil. / Tá an liúdramán mór seo thuas le fánaidh ar fad anois. Na cléibh a rinne é sin air. Sé an portach an buachaill aige!]/ Tá an chú sin caite le fánaidh ar fad. Shílfeá go mbeadh sí níos teangmháilte ná sin as a tosach. [Meastú an gortú a d'eireódh di. Baineadh cupla treascairt aisti agus í ag coráil an ghirria an lá cheana, ach shílfeá nach raibh tada uirre ach go raibh sí buille beag cróilithe go ceann dhá lá.]/ Tá an-cheann le fánaidh ann = caitheamh le fánaidh = aghaidh le fánaidh = steepness / Cho luath agus a bhí an ceann le fánaidh caite againn, thuirling muid agus shiúil muid scathamh / Is diabhlaí an aghaidh le fánaidh atá annsin / Tá na runnaigh ag dul le fánaidh anois. Bhí siad annseo tá seachtain ó soin (in Árainn) = ag dul isteach an cuan faoi dhéin Chois Fharr-aige agus na Gaillimhe; ag dul isteach leis an tuile agus leis an sruth chuig na cladaigh istigh /[Bhí an-bháirí scadán annseo le cupla lá. Arú inné, bhí an fharraige salach leo. Ach tá siad gaibhte le fánaidh. Isteach faoi na sean-chladaigh se'agaibhse atá siad anois. Buail -fidh siad annseo aríst gan mórán achair.]/ Fuadaíodh mo chaipín agus tugadh le fánaidh í = do chaipín a fhuadach uait ar an bhfarraige agus í a imeacht san sruth faoi dhéint na talúna. I gCuan na Gaillimhe cuirim i gcás, ghabhfadh sí chun an chladaigh ó thuaidh nó chuig Conndae Chláir de réir mar a bheitheá achar amach. Tabhair faoi deara go n-abruíthear "árd i bhfarraige" nuair a bheitheá domhainn san bhfarraige nó i bhfad amach san gcuan /

"Mo ruainne beag cashmere (seál) a d'imigh le fánaidh
Nach bhfuighidh mé go brách é na tada ar a shon" [as amhrán faoi bhád. De bhord an bháid ar an gcuan a d'imigh an seál ón mbean] / Chonnaic mé an-phlás feamainne annsin amuigh inniu agus í ag dul le fánaidh / Bhí an bád ag doirtim le fánaidh (ag

dórtadh le fánaidh). Díreach ar an aighre a bhí sé (: an ghaoth) agus tabhair gaoith uirre! = nuair a bheadh gaoth theann indiaidh an bháid, nó an-chóir agad, bheadh an bád ag doirtim le fánaidh /[Bhí muid ag dórtadh le fánaidh. Chuir muid cúrsaí isteach agus barróg ar an seól ach má chuir fhéin bhí sé in a fhaitíos orainn, mar bhí sé ag teacht in a chreatalach / Déan an seól sin a bhogadh roinnt, nó caithfear thart é, agus an doirtim le fánaidh atá orainn]/ Caith ar an luighe theig í, nó go gcuireamuid cúrsaí isteach. Ní féidir tada a dhéanamh comh uain's bhéas sí ag doirtim le fánaidh mar seo (an bád) / Bhí an bád le fánaidh ón ngaoith = a bheith i bhfad ón ngaoith, nó gan a bheith árd san ngaoith; dá mbeadh geallta bád ann (: báid a bheith ag coimhlinnt le chéile) sí an bád a bheadh le fánaidh ón ngaoith an bád is fuide a bheadh ón ngaoith. Bheadh an chuid eile idir í agus an ghaoth /[Bhí an bád se'againne árd san ngaoith agus an chuid eile scathamh maith le fánaidh / Fan amach uatha a fhleascaigh! Leigfeamuid le fánaidh ón ngaoith í, nó tiúrfaidh an Chorainn timpeall í / Aire dhuit annsin! Tá an púcán crínnte (linn). Leigfeamuid le fánaidh í agus seolfamuid amach fútha. Sén beart is fhearr é sílim / Siúil na fánáin. Níl na brakes sin indon ag fánán ar bith = ó bharr aird go dtín a bhun / Bhí sé ceart go leór sna fánáin ach b'éigin dhom na háird ar fad a shiúl. Bhí an-ghála in m'aghaidh / Is bóthar é nach bhfuil mórán fánáin ann /[Tá bun-fhánán maith ann = caitheamh le fánaidh / Thiomáil (thiomáin) sé síos an fánán í / Seachain an capall sin anois sna fánáin. Is furasta léithe a theacht anuas. Tá truisle inte]/ Gabhfaidh muid taobh an fhánáin = síos le fánaidh an aird, i leabaidh a dhul an cnoc / Áit an-fhánánach é = go leór fánáin ann / Sin stróic bhóthair atá an-fhánánach as seo siar go dtí bóthar L. / Beidh an fánán agad soir agus ní aireóidh tú é / Tá bealach na Bó Finne imithe le fánaidh na nÁirde (fc. Bealach) /

Fleet: focal Béarla. Baintear leas as corruair mar shanfhocal ar "scata", "plód" etc. Sén míniú a thugtar ar fleet san gceathrú seo, a dhul ar na mná coitianta. Bean atá in ainm agus a bheith ag caint /

"Ó bhí mé cho haerach ar dtús agus gur ghéill mé do do shlí
Dhá n-imíodh sé an méid sin san spéir leis an ngaoith
Ní phósfainn anois thú dhá dteighinn ar "an bhfleet"
Ach bainfidh mé arán as mo shláinte" [As "na Ba Cíara agus Bána"]

Fara, Farúch: Ainmfhocal; buineann; iolraidh: faraí, farúchaí.
Fara, Farúch: Fráma no crannán a chuirtear faoi rud len a árdú den talamh. Cuirtear faoi chocaí féir, faoi chruacha coirce, faoi chearca i dtithe cearc, agus faoi theinteachaí a dhéanfaí amuigh é scaití. [Fara is mó a thugtar ar na maidí nó ar na cleitheachaí a gcodluíonn cearca orra. Thiurfaí fara ar chleith amháin dhíob agus faraí ar dhó nó trí de cheanna. Farúch a ghlaoidhtear ar shraith nó ar bonn cruach agus rl.]

"Och, och," arsa an chearc, agus í ag dul ar an bhfara,
"Nach brónach agus nach deacrach é ábhar mo scéil.
Céile mo leabthan, agus athair mo chloinne
Ag dul san áit nach bhfillfidh go héag" [As "Cearc agus Coileach"] /
Tá fara annsin amuigh ag na cearca ma ghabhann siad suas air / Níl maith ar bith dhuit teach cearc a dhéanamh mara gcuire tú faraí ann. Ní chodlóidh éanlaith gan fara /[Ó díbríodh as an gcoill iad, níl fara ar bith ag na héanachaí annseo anois. D'fheicfeá cluichí aca ag filleadh ón gcoill chuile thrathnóna. Tá siad líonruithe ag na hurchair. Mharuíodh cleitheadóirí an saol brách aca annsin fadó / Shílfeá gur codladh corrach a dhéanfadh rud ar bith ar fhara, ach sé buac na gcearc é in a dhiaidh sin]/ Níl aon-lonta dubha ná aon-chéirseachaí ag taithighe annseo chor ar bith anois, ó réitíodh na crígheannaí annsin siar. Dheamhan fara aca ann / Tá lot déanta ag an ógánach sin (: an sionnach) annseo le bliain. Dar fiadh tá! Meastú nachar scuab sé sé cinn de chearca breá amach den fhara uaim. Fuair sé leigean eicínt orra. Sé atá i riocht / Níl aon-deis farúch ag cearca sna tithe nua sin ach oiread, mara ndéana duine féin faraí dóibh. Ba bheag na faraí a bhíodh aca fadó sna sean-phúiríní, agus dar príosta bhíodh an oiread uibheachaí dhá mbarr agus atá anois / Cuir codladh púicín air, mar chuirfeá ar chearc a bheadh ar fhara / Thart soir, cuireann siad farúch faoi na cruacha nó na stácaí, mar adeir siad fhéin. Fráma adhmad é. Bíonn an chruach árduithe den talamh uiliog aca. Ní theagann fútha, nuair a bhíos siad ar fharúch. Is deacair do na luchain a dhul suas ionnta ach oiread /[Fadó bhíodh farúch annseo againn fútha (cruacha arúir), ach diabhal ceo a dhéanas an cuid is mó de na daoine anois, ach a ndéanamh ar bhonn cloch / Ní fuláir farúch a chur faoin gcoca sin, nó tiocfaidh

faoi. Fagh saileánach agus driseachaí in áit eicínt. Socróidh mise sraith (: chloch). Tá fraighfhliuchas a bhfaca tú ariamh san gcúinne sin / Bhí an t-urlár cho fliuch sin aige agus go mb'éigin dó a bhaint cúig nó sé de chuarta. Chuir sé líméar faoi, ach dheamhan maith a bhí ann. Bhí an ceann le fánaidh ag an uisce anuas annsiúd air. Thosaigh P. N. ag flithmhagadh faoi agus ag rádh go mba cheart dó a chrochadh agus farúch a chuir faoi mar a chuireas muinntir an Achréidh faoi na cruacha. Ba bheag nachar speir sé é.]/ Caith ar an bhfara é = rud cuileáilte; rud nach mbeadh aon-leas ann ní ba mhó; rud a mbeadh a mhaith caite / Diabhal maith sna bróga sin níos mó. Caith ar an bhfara iad. Beidh duine ar bith thart muise cheal bróg a ghabhfas dhá gcur sin air fhéin /[Ab é an sean-"bicycle" sin. Beannacht Dé dhuit agus caith ar an bhfara é. Ar ndú, ní thiúrfadh sé sin trí choisméagachaí na trócaire thú / M'anam muise gur beag an baol atá orm na stocaí sin a chaitheamh ar an bhfara.
An fhad agus a sheasfas siad, fónfaidh siad, mar adeir an ceann eile. Dhá dteigheadh bean mhaith in a n-éadan ba bheag an stró uirre péire nua a dhéanamh dhíob aríst]/ Sílim go bhfuil a sheal tugha anois (: sean-chlog). Sí an fhara a áit feasta / Tá Micil réidh le gort agus garraí feasta. Dheamhan lúd ar bith fanta ann. Caithidís ar an bhfara anois é, thálta (: ó thárla) nach bhfuil sé indon aon-cheo a dhéanamh /.

Fálach, Fálach thuas (: fāləx hūəs: dhá fhocal comhbhéimeach): ainm-fhocal [ní móide gurb é seo bun-fhuirm an fhocail. Falachúis b'fhéidir? Ach tá an fhuaim de réir na scríbhneoireachta. "Fálach" adeirtear scaití, ach is minicí "fálach thuas", agus bíonn "faitíos" roimhe mórán i gcomhnaí: "faitíos na fálach thuas"] = faitíos na timpiste; na sleamchúise; rud eicínt ag tárlú nach bhfuil aon-tsúil leis; tuar eicínt a theacht isteach.

Leagfaidh mé isteach an hata (i wardrobe), faitíos na fálach. Is furasta leis salachar a thóigeál caite annsin. Ní mór aire a thabhairt dó, ach b'fhéid -ir gur buaine é ná muid féin. = bhí faitíos air go salóchaí an hata mara gcuirtí ar chaladh shábhála é / Socruigh an clog sin anois go

siúráilte ar fhaitíos nach n-aireódh muid eirí le fálach thuas ar bith. Ba bheag nach raibh mé mall ag an Aifreann Dé Domhnaigh seo caite. = sleamchúis; go gcodlódh muid thar an am /[Breathnuigh amach faitíos na fálach thuas. Tá an cneamhaire d'asal sin, agus a cheann síos thar chlaidhe gharraí T. Mh. aige ar feadh an lae. Má theigheann sé in a chuid síol féir siúd, is measa duit é a tharraint ort ná an t-Ábhairseoir / Tóigfeamuid an féar le faitíos na fálach thuas. Níl aondeá-ghothadh ar an spéir sin ó dheas. Níorbh fhiú dhuinn a leigean amach beag ná mórán ar scáth an scaláinín sin]/ Gabhfaidh mé ag iarraidh na hola (lampa) amáireach faitíos na fálach. Mara mbeidh t'ainm istigh agad Dé Céadaoin, dheamhan sdriog a gheobhas tú = ar fhaitíos go dtárlódh tada idir sin agus an Chéadaoin nach mbeadh sé indon a dhul chuig an mbeairic len a ainm a chlárú /[Breathnuigh ar na claidheachaí faitíos na fálach thuas. Tá an bhrotuinn sin thíos taithithe ag an gcladach d'acht agus go háirid, indiaidh feamainn dearg, agus leagfaidís bearna ann ar an bpuinnte. B'aisteach go dtáinig siad (: na beithigh) anois le trí lá indiaidh a chéile. Marach go bhfuil bearna leagha ann, ní chorróidís as an ngarraí]/ Ní chuirfidh mé mórán móna síos faitíos na fálach. Bíonn an simléar sin ag puthaíl i gcomhnaí ar an ngaoith anoir seo. = bhí faitíos air nach dtarraingeódh an simléar mar ba cheart dhá gcuireadh sé mórán móna ar an teine / Chreidim gur fearr dom an citil a fhiuchadh faitíos na fálach thuas. [Thiocfadh dóibh seo a bheith isteach puinte ar bith, agus dheamhan agus móide, in a leabaidh sin, a mbeidís isteach go mbeadh an dubh ar an oíche. Ní hionann a dhul 'na bhaile mhóir agus a fhágáil.]/ Ná cuir an glas ar an doras sin faitíos na fálach. [Fanfaidh mé scaithín annseo ar an teallach, agus má airím aonghéim ón mbudóig sin, gabhfaidh mé amach aríst. Ní fuláir do bhó ar a céadlaogh áirdeall maith]/ Ní chuirfidh muid níos mó sprae (spray) ar an ngarraí siúd faitíos na fálach thuas. Gabhfaidh sé rite linn an oiread a bheith againn agus a riarfas uiliog é (: an cur ar fad). M'anam muise nach ndéanfadh ceobáinín beag eile aon-dochar don gharraí siúd féin, mar go bhfuil muid gann /

Faosc: Faoscadh: Briathar.

Faoscadh: rud a fhágail ag bruth nó go mbeadh sé cnagbhruithe nó allbhog; an chéad fhiuchadh a bhaint as rud; rud a fhágáil ag bruth nó go dteaga cúr bán air.

Má thugann tú aon-fhata don bhó sin, tabhair faoscadh beag orra. Ní ghabhfadh fataí fuara go maith di anois / Faoscann muid na fataí i gcomhnaí do na laoghanntaí. / Tá siad sách faoscha má tá an cúr bán orra. Caith aníos iad / Bain faoscadh eile as an gcóilis sin. Níl sí sách bruithe ná baol air fós / D'fhaosc sí na báirne san bpota. Deir siad gur an-bheatha iad sin: báirne faoscha. /[Ní bhaineann siad asta ach an chéad-fhiuchadh: a bhfaoscadh ar éigin. Sin é an méid / Fág annsin iad. Níl leath-bhruth orra fós. Nach bhfeiceann tú nach bhfuil an cúr bán féin orra. Níor fhaosc siad chor ar bith / Séard atá agad a dhéanamh an t-iasc sin a chaitheamh síos i gcúr na bhfataí agus bainfidh sin an goirteamas uiliog as. Níl ag an iasc sin ach faosc-adh beag. Ólfaidh sib an abhainn má bhruitheann sib ar aghaidh féin é]/ Ní mór dhuit dhá fhaoscadh féin a bhaint asta sin. Tá siad do-bhruithe go leor. Níl a fhios agam cén sórt fataí chor ar bith iad. Mara bhfagha siad bruth thar cionn, bíonn rológaí istigh ionta mar a bheadh i gcáca / Ar faoscadh na turnapaí seo chor ar bith. Ní hé a gcosúlacht gur faoscadh. /

Folach (: foləx): mála suite, leathan as a thóin agus cairithe amach go maith, ach gan aon-airde mhór ann. Is i bhfolaigh (folachaí, freisin) a chuirtear carraigín. Tugtar amantaí ar mhálaí móra arúir é, ach ní bhaineann sé leo ó cheart.

Ní mór dhaoib cupla folach a fháil l'aghaidh an charraigín siúd. Tá sé geal-ta anois, nó mara bhfuil, tá sé sách fada ag tuaradh ar chaoi ar bith. / Dheamhan mála ag gabhail liom ach folachín. Ceannaíodh cupla mála anuiridh, ach níl snáth dhíobh indiaidh a chéile anois. Chuaigh siad síos san dá theach sin thíos, agus chuir siad sin a gcaoi fhéin orra / Is daor an ailím folach féin a cheannacht anois ní áirím mála. Deir siad go bhfuil málaí dhá ndíol inGaillimh ar thrí agus sé pínne / Tá an teirgéis. Sin é a bhfuil agam. Cupla folachín gágach. Ná bac le mo chuid olla-sa anois. Níl a leithide agam. /.

Foirghe, Foirighe: foiriche: Aidiacht-Bhriathar.

Foirghe etc: clúdaithe; lán le; ó mhaith; scriosta; sladha; creachta.

[airghe b'fhéidir: f. sciorrhach, agus a athruithe go dtí o. Fc. foirgeach, foirgneach]

Tá sé foirghe le guiríní = clúduithe leo, é faoi ghuiríní ar fad. / Tá mo lámha foirghe le gága, le gearbaí, le nioscóideachaí etc. / Tá crobh a láimhe foirghe le faithniúchaí /[Tá mo chois foirghe ar fad aice = bróig a bhí ag luighe air / Tá an leac siúd foirghe le báirne / Fuair mé maide farraige anuiridh. Maide breá, ach go raibh sé foirghe le giúirinneachaí / Tá a chloigeann faoi charra. Tá. Foirghe]/ Bhí sruth pislíní leis, leis an anbhá a bhí air. Diabhal mé go raibh: foirghe ar fad (: é faoi phislíní ar fad) / Tá deatach agaibh. Tá mo choinsias: foirghe ar fad (tá an teach plúchta le deatach) / Tá an bhó sin foirghe leis an aois = níl aon-mhaith inte le aois / Ó a dhreáthair ó, tá mé foirghe leis an bhfuacht. An bhfaca tú a leithide d'aimsir ariamh? / [Ná bac le na Gearmánaí bochta anois. Tá a ndíol ar a n-aire agus iad foirghe leis an ocras / Chonnaic mé sean-fhear ann, a bhí foirghe leis an aois, agus má bhí fhéin, ba é a bhí coilgneach. Dheamhan mórán araoid ar bith a chuaigh air, nuair ba mhian leis maide a chur in u (: ar) mbéal / Dheamhan neach an aoin istigh ar an mbaile nach bhfuil foirghe le fliú. Bhuail sé muid tá mí ó shoin, ach m'anam go bhfuil muid ag fuasaoid aríst. Níl rud ar bith cho haiféalach leis. Mara bhfuil ag Dia déanfaidh sé creach shul má stopfas sé.]/ Tá muinntir na tíre seo maith go leor. Tá móin aca, agus nuair nach mbíonn aon-seifte eile aca, bíonn na cupla scillingín "dole" sin ann. Ach an limistéar sin ó Gh. go M. tá sé foirgthe ar fad. Níl móin ann, agus níl dole ann. Tá cíos agus airgead acraí an-trom orra. Agus diabhal an talamh é a bhfuil aon-ghaisce ann ag tabhairt chruithneacht ná "beet". = creachta / Dar diagaí tá chuile fhear dhá árdú (i bpáighe) ach go bhfoiridh Dia ar an talmhaí bocht. Tá sé foirghe ar fad / Ní raibh muid foirghe ariamh go dtí anois muis, má chuirtear an fhoghail a rinneadh annsin thiar sna "rates" orainn /

Fálróid: Fálróidí: Briathar, Ainmbhriathar, Ainmfhocal.
Fálróid: ag úmachan anonn agus anall gan faice maitheasa; ag imeacht ag fánaíocht nó ag leadaíocht; an méid achair nó fad a dtugann do chuid oibre thú [Fálróidí: an duine a bhíos ag fálróid]

Dheamhan smeach a níos sé sin ach ag imeacht ag fálróid ó mhaidin go faoithin / Is maith í a cheird: ag imeacht ag fálróid ar choirnéil / Tá sé ag déanamh na fálróide, ach is beag é a chuid maitheasa ina dheidh sin. Dheamhan dhá chléibhín fátaí de bhláth bliana aige / Tá dháréag agus píobaire aca ann, agus dheamhan a bhfuil siad indon boirdín feamainne a chur amach in a dheidh sin ach ag imeacht ag fálróid ar fud an bhaile. Nach ó Bh. Fh. a cheannaigh siad roinn fheamainne anuiridh / Is fálróidí maith é, ach ná bac len a mhaith san ngarraí.
Tá geis air aon-chomhnaí a dhéanamh ann (: in éadan a chuid oibre san ngarraí) /[An barr siúd a bheith bainte aige! Dheamhan an mó ná scraite féin é sílim. Is deacair dhó. Ag imeacht ag fálróid ar chuile phortach eile, ag coinneál daoine in a gcomhnaí / Tá fálróid mhór ar mhaor. An maor sin a bhí thuas ag S. i bhF. dúirt sé linn thíos annsin anuiridh go mbíodh siúl deich míle air chuile lá, agus len a chois scaití. Tá an domhnaíocht chaorach annsiúd. Agus caithfidh sé aithne chinn a bheith aige ar chuile cheann ar an bhfeáin aca]/
Ní miste dhuit faoi chaora ná faoi ghamhna. Tá siad indon ag aistreán ar bith. Ach an áit a mbeidh capall a fhálróid (: a shiúl, leigthe amach ann) ní mhór dhó a bheith réidh go maith. Is furasta capall a threascairt. Ní dhéanfaidh dhi a bheith i gclochair, ná ar strapaí /
Tá an iomarca dhá fhálróid uiliog ag cearca an tí seo.
Meastú cén áit a bhfaca mé an chearc roilleach sin inné ach thoir ingarraí gleannach T. Mh. Bearr iad, agus fanfaidh siad i gcóngar an tí /[Dheamhan mórán atá dhá fhálróid ag na caoirigh sin muise, mar nach mórán talúna atá aige th'éis a dhichill le tabhairt le fálróid dóibh. Dheamhan slí do choise de thalamh ar an mbaile sin. Nach bhfuil sé sáinnithe uilig ag mac Bh. Dh. dhó féin. Ach tá mé ag ceapadh go mbíonn cead scuir ag na caoirigh annsin san ngeimhreadh, mar bhíodh san áit seo a bhfuil tú ann fadó.]/

Fearadh: Ainmbhriathar, briathar = maith nó áirge (a dhéanamh); cúitiú le … ; ag dul chun maitheasa do … ; samhaoine; fóint; na múrtha fáilte; fáilte mhór.

Is fearadh do ghasúir an cócó seo. Bheidís thart dhá uireasa, agus cho deireann -ach agus a choinníthear ag an scoil anois iad. Leigtí amach ar bhuille an trí fadó iad = is maith nó is áirge do ghasúir é; it will have a good effect an children; it will benefit them; it is a great asset to them /[M'anam muise má tá sí sin san mbaile gur fearadh don phobal í (: cuirfidh sí maith ar an bparáiste). Diabhal bréag nach hea. Fágfaidh sí cupla toirtín eile in a diaidh shul a n-imighe sí. D'eireódh di!]/ Má fhaghann sé céad punt anois, beidh sé ag fearadh air aríst go ceann fada, th'éis nach bhfuil obair ar bith aige = beidh sé ag dul chun sochair dó / Má fhaghann siad an uachta sin fearfaidh sí orra fhéin, agus ar chlann a gcloinne. Is diabhlaí go héag an slam é! Chúig mhíle punt /[Is fearadh ar an tír an "dole" seo. Dar príosta, is fearadh ar dhaoine bochta é ar aon-nós. Céard a dhéanfaidís marach é? / Ba fearadh don áit seo, dhá gcuireadh sé sin siopa suas ann. Bhrisfeadh sé na cneámhairí eile seo atá ag feann-adh na ndaoine]/ Ba fearadh do sheandaoine an pinsean ar chaoi ar bith. Is iomdha sean-duine a gheobhfadh anshógh agus amhgar dhá uireasa. Ach ó a thosuigh siad dhá fháil tá cion orra, deirimse leat / Fearfaidh mise do chumaoin ort fós. Ná bíodh faitíos ort. Ní hé deireadh an tsaoil é a dhuine chroí! = cúiteóidh mé do chumaoin leat; ní hé amháin go gcúiteóidh mé do chumaoin leat, ach cuirfidh mé in a cheann, agus is fhearrde thú é uaidh sin amach /[Dar príosta tá an imirce ag fearadh ar Bh. ar chaoi ar bith. An bhfeiceann tú an cloigeann feóla a tháinig air ó d'imigh sé. Ní ghabhfadh a cheann síos i gcliabh portaigh anois / Má phósann tú ní aireóidh tú go mbeidh na gasúir — má gheallann Dia dhuit iad — ag fearadh ort. Gheobhaidh tú do chuid leathchorónachaí, agus ní bhíonn achar ar bith orra go mbíonn siad ionchúntach. Ní aireóidh tú go mbeidh siad indon cuid den obair a bhaint dhíot]/ Go leige Dia a sláinte di! Is mór an grádh diadha a rinne sí, agus an dílleachta bocht sin a thabhairt léithe. Fearfaidh Dia agus Muire Mháthair a cuid grádh Dia uirre. Siad atá i riocht / Ní fearadh mór don bhaile seo í sin

a bheith ann ar aon-nós. Hébrí cén dochar a dhéanfas sí, ní dhéanfaidh sí sochar ar bith /[D'fhearfadh rud den tsórt sin ar dhuine in a dheidh sin. Ná bíodh duine ar bith ag caitheamh indiaidh maith a dhéanamh ar stráinséara. Níl a fhios agad cén uair a thiocfá in a líon aríst / Is fearadh do ghasúir an máistir scoile sin. Tá sé an-dícheallach. Feacha an méid a fuair postaí ó a tháinig sé annseo]/ Cuireadh fearadh na fáilte roimhe = cuireadh fearadh na fíor-chaoin fáilte roimhe = cuireadh na múrtha fáilte roimhe [Níor chuala mé fearadh mar bhriathar Coimsí — "d'fhear", "fearaim" etc — san leagan seo. "Cuir" an briathar a mbaintear leas as leis] / Mo chuid tubaiste go bhfeara air! = go dteaga air / Is dual d'eascainí baintrí fearadh = a theacht isteach; a dhul i gcion / Go bhfeara mo mhallacht air! /

Fearthainn (: fuaim: fʼarhəɴʼ: fʼarəɴʼ) = Ainmfhocal; Ainm Bhriathar = báisteach; ag báisteach, nó ag cur bháistí; báisteach agus gaoth léithe. [Báisteach agus "ag báisteach", "ag báistigh" an focal is mó atá ar "rain" "raining" ar fud na Gaillimhe anois. Ach tá "fearthainn" ann fós go háirid ar an Achréidh. I gcuislí ann sé a chloisfeá ar fad, ach is iomdha áit a bhfuil an dá fhocal, thart ar Bhaile an Chláir cuirim i gcás, agus síos go Tuaim, cé gur "fearthainn" is mó atá taobh thoir agus ó dheas de Thuaim. "Ag fearúint" adeir siad le "ag báisteach" in áiteachaí san gceanntar sin .i. ag Cúilairne in aice an Turlaigh Mhóir. I gConamara fhéin, níl "fearthainn" baol ar seirghe, go háirid i leagan sheasta.
Fearthainneach: Aidiacht = fliuch gaofar; ceathannach; múrannaí agus gaoth.
Fearagráin: báisteach ghriodánta; é a bheith ag cur phící; fliuchán mór.

(Is minic) doicheall (duifean) mór ar bheagán fearainn(e) = fc. "doicheall" / "Tiocfaidh stoirm, tiocfaidh feothan, tiocfaidh gaoth mhór agus tiocfaidh fearthainn. Imeóidh an solas as na réalta, as an ngréin agus as an ngealaigh … " [As Dán Diadha — "Trí Scóir a bhí an Naomh Joseph"] / Ní fheicfidh tú amuigh é lá fearthainne ná feóchain = lá báistí na gála (fc. feóthan) / Is diabh -laí an uair í le fearthainn agus le fliuchán = gála agus báisteach / Aim-sir fhearthainne den tsórt seo b'fhearr do dhuine fanacht chois na teine, agus gan a bheith dhá chailleadh fhéin, ar scáth a mbeadh déanta aige. Ní raibh aon-cheó ariamh de bharr breac aimsir mar seo /

Gheobhaidh tú fearthainn agus fearagráin anois. Is furasta aithinte ar an spéir é. Ní thaithníonn na léasáin sin chor ar bith liom /[Níl áiriú ar bith ar ar chaith sé d'fhearthainn agus d'fhearagráin le coicís anuas. Duine ar bith a bhí ag obair ar bhóithrí ar chuma ar bith, fuair sé faoi na foraí é]/ Nach cumasach an chaoi a bhfuil sé ag cothú ar an bhfearthainn seo? Ní thiocfaidh aon-aghaidh ar an aimsir i mbliana mara bhfuil ag Dia / Tá sé ag fearthainn anois = ag báisteach agus gaoth léithe go hiondúil / Tá sé ag séideadh fearthainne as gaoth anoir adtuaidh / Tá sé ag fearúint aríst = ag báisteach; b'fhéidir nach mbeadh sé ach ag tosaí, agus nach mbeadh gaoth ar bith léithe / Bhí sé ag fearúint ar a thiacht isteach dom. B'ait liom an chith a leigint tharm. Meireach sin ní thiocfainn isteach chor ar bith /[Beidh sé ag fearúint mur seo go dteighe an ghealach amach. Ba chóir go mbeadh sí indáil le caití. Tá sí ar an gceathrú dheireadh, dar liom féin. / Fan istigh fhad's bhéas sé ag fearúint mur sin. Beidh tú cailltí má thugann tú an bóthar ort fhéin anois]/ Aimsir fhearthainneach í. Tá sí go dona ag arúr. Scuirfidh sí as éadan é / Lá fearthainneach go leór a bhí san lá inné. Ba bheag nar phréach sé mé. Bhí mé ar aghaidh na riteacht' annsiúd thuas / Má chothuíonn sé fearthainneach mar seo, ní thriomóidh aon-fhód móna ná aon-tsop féir. Dhá dtugadh sé seachtain fhéin uaidh, ní bheadh aon-chailleadh air /

Fearann: Fearainn: Ainmfhocal: Fireann = (i) stráiméad de cháca; ceathrú de cháca le na ghearradh crasáilte ar a threasna. (ii) talamh; páirc; límistear talúna [níl d'fhuigheall dhe seo san gcaint anois ach san bhfocal "ceann-fhearann"; "ceann-fhearainn". Ní thuigfí "fearann" féin i gciall a (ii) cé go bhfuil "ceann-fhearann" an-choitianta. Tá áit in Árainn Mhóir a dtugtar "Fearainn an Choirce" air. "Oat Quarter" i mBéarla. Is cosúil go mbá é an ceathrú cuid den treabhlach a bhí i gceist. [Iolraidh cheann-fhearannachaí]

An té a gheobhfadh fearann arán coirce, agus babhal leamhnacht ba bheag an chlóic a bheadh air = stráiméad de cháca arán coirce; an ceathrú cuid den cháca / Níl d'fhuighleach an cháca ach an méid sin. Beidh

sé siúd ag gabhail le buile. Bíonn sé cho goineach le caraera ar theacht ó chuairt dó chuile oíche. Is gearr air an fearann sin ar chaoi ar bith. Shílfeá go bhfuinfeadh sib arán ó thárla nach raibh mé fhéin istigh /[Rinne sí cheithre leith den cháca, agus thug sí dóibh é : fearann an duine. Níor bhain sí fhéin oiread agus an bhearna bhruite as. Dheamhan é muis. Ba mhór an truaighe iad ar aon-chor: lucht bóthair agus bealaigh / D'ith mé fearann de cháca caiscín, agus d'ól mé muigín bláthaí. Bheinn deireannach dhá bhfanainn leis an tae]/ Tá ceann-fhearann (ceann-fhearainn) ann = an leath-fhód le claidhe = an chiúiseóg a fhanas timpeall le claidhe gan treabhadh nó gan cur i bpáirc. Ach in Iarthair na Gaillimhe (le farraige. Tá an ciall réamhráite i Muigh Cuilinn agus inGnó Mhór) tugtar amanntaí é, ar na cúilíní beaga — agus iad ingreamús dá chéile — a bhíos in aice le claise an tsrotha nó le claidhe san áit nach dteigheann na hiomrachaí díreach. Sórt ladhrógaí nó crúbáin iad. Idtalamh nach dtreabhtar ní fhágtar mórán de chiúiseóig le claidhe ann, agus b'fhéidir gur ingeall air sin a haist-ríodh an t-ainm. Na daoine a thugas "ceann-fhearann" ar áiteachaí mar seo, "an leath-fhód le claidhe" a thugas siad ar an "headland" féin / Ní mhillfidh tú tada má shiúileann tú soir an ceann-fhearainn. Tá réiteach fada fairsing agad ann. / Tá an chliath fágha ar an gceann-fhearann thuas san ngort. Ba chóir dhuit í a thabhairt anuas /[Dheamhan buille a dhein sé ó mhaidin ach caite ar an gceann-fhearann ag séideadh tobac uaidh. Is dóigh go bhfuil se breóite ó ól an lae inné /[Loic na fataí ar fad ar an gceann-fhearainn sin thíos. / Déanfaidh mé ceann-fhearainn annseo. Leigfidh mé na giotaí suas go huachtar ingreamús dhá chéile. Béarfaidh na cupla cúilín ar a chéile annsin thall ag an gcloich / An dtarraingeóidh tú amach in a gceann-fhearann iad annseo. Bheadh sé cho maith na hiomrachaí a leigean síos in a ladhrógaí go dtí claise an tsrotha. Déanfamuid crúbáin ann]/

Fearúint [Tuille.]: Tá sé ag fearúint. An bhfeiceann tú na cnoic? = Tá an ceó ag cárnadh ar bharr na gcnoc agus é ar bhéal báistí (Glinnsce: Cárna] / Tháinig an rosamh sin isteach

den fhairrge scaithín ó shoin. Tá sé ag fearúint san taobh amach anois. Tá caipín ar na Beanna Beóla / Níl a fhios amach nach lá é a thiocfadh in a dhórtadh. An bhfeiceann tú ag fearúint cheana é amach údan? /[Tá riascannaí ceó ag imeacht, agus tá sé ag fearúint ar an gcnoc. Is gearr go bhfeice tú an tuile shidhe anois. Déanfaidh sé múr annseo fhéin]/

Fíbín: Ainm-fhocal: Fireann = teasbach, teasúch (beithigh); macnas, súnás; croidhiúlacht; mí-shuaimhneas; luainneachas; deifir; driopás.

Ní fhaca tú aon-bhó ag imeacht le fíbín ar do bhealach? [Leitir Mealláin] / Is diabhlaí an fíbín atá ar na beithigh seo nach bhfanfaidh siad in áit ar bith /[Tá fíbín orra chuile phuinnte ag imeacht ag damhsa = macnas, súnás; deifir / Sin é an buachaill a bhfuil an fíbín air a ghread isteach Gaillimh inniu go dtí báire]/ Ní theagann fíbín ar bith ar do chuid beitheach-sa bail agus beannú orra! … Nach bhfaca mé thiar san ngarraí ar ball iad agus gan cor aca / Cuireann na cleabhair sin le fíbín iad (= beithigh) /[Céard a chuir an fíbín air, le go bhfuil sé ag reathach mar sin? Cuireadh taghd eicínt air]/ Cén fibín sin ort? Cáil do dheifir ag dul? = duine a d'fheicfeá agus forú air agus é splanncha ag dul in áit eicínt nó de bharr rud eicínt / Bhí fíbín air ag dul soir annseo inné. D'imigh sé ón mbaile ar fad. Rud eicínt adúradh leis / Tá fíbín óil (ban, damhsa, siúlóide, báire etc.) air = súnás óil etc /[Tá fíbín ceart air indiaidh damhsa = ag lorg damhsa]/ Níl a fhios agam nach fear é a bhfuil fíbín gearrchailiú dhá bhualadh! / Shílfeá go mbeadh obair eicínt déanta aige de bharr a chuid ama. Ní hé a cheal muise nach mbíonn fíbín air chuile mhaidin ag dul chuig an ngarraí /[Breá nach n-ólann tú anois é. Tá tú ag leigean uisce isteach. Feacha dhá dheoch annsin ag fuiríocht leat. Ní cheal fíbín a bhí ort dhá iarraidh]/ Chuaigh sé soir an bóthar sínte le cuthach fíbín / Chuir siad an churach ar an storadh le teann meanmna fíbín /[Níl ort ach na seólta a dhéanamh agus gabhfaidh an bád ann uaithe fhéin le teann fíbín. Tá an t-an-chóir soir inniu / Tá an oiread fíbín ar an "mbicycle" seo agus go ngabhfadh sé go G. inniu ach duine a dhul ar maircíocht air gan cois ar bith a chorraí]/

Fliuch (fleoch fuaim), fliuchaim, fliuchta, fliche, fliuchán

Fliuchadh: Ainm Bhriathar, Ainmfhocal, Briathar = lacht a chur ar rud; uisce etc. a chur ar rud; rud a chur ar bogadh; rud a bheith faoin mbáistigh.

Fliuch: Aidiacht: Breis Chéim agus Ainm Teibe: fliche (f′l′hī: f′ʟ′ī) = uisce, nó lacht eicínt a bheith ar rud; báisteach a bheith ann.

Fliuchán: báisteach, uisce, taiseacht, brádán, aimsir bháistí.

Fliuchadh chuile dhuine a chuid aráin in allas a mhailí fhéin = caithfidh chuile dhuine obair a dhéanamh len a bheatha a shaothrú / Seo é an saol a gcaithfidh chuile dhuine a chuid aráin a fhliuchadh in allas a mhailí fhéin nó a bheith dhá uireasa. Níl duine ar bith ag fáil a bheatha ó neamh anois. Tá an saol sin imithe. Dar Dia is maith an ceart é freisin / Bhíodh cuid mhaith leoistíocht ann fadó, ach ní bhíonn uasal ná íseall in a gcomhnaí anois. Na daoine uaisle fhéin d'fheicfeá ag saothrú anois iad. Chreidim go ndeachaidh buairín barra orra thar agus fadó. Ní mór do chuile dhuine a chuid aráin a fhliuchadh in allas a mhailí fhéin, mar adeireadh na seandaoine / Níl uasal ná íseall ann anois. Tá an cnoc mar atá an gleann. Bhí sé san Targaireacht freisin go gcaithfeadh chuile dhuine a chuid aráin a fhliuchadh as allas a mhailí fhéin. / Is gearr a bheadh an bradáinín sin fhéin do do fhliuchadh / Fliuchfaidh an tuile seo móin aríst, nó móin atá in a gróigeadh ar chuma ar bith / Fliuchadh mé go craiceann trathnóna / Tá sé cho maith dhuit an mhin choirce sin a fhliuchadh = a cur ar bogadh in uisce nó i mbainne /[Fliuch na fataí sin shul a thiúrfas tú don ghamhain iad / Tá sé in am an tae a fhliuchadh / Tá an féar fliuchta aríst. Má fhaghann sé mórán amlú anois, beidh sé dreóite / D'fhliuchfadh sí a raibh de thúáillí ar an mbaile ag gol / Tá tú ag fliuchadh do léine le pislíní / D'fhliuch sé an leabaidh / Trí bhrat a d'fhliuchadh Oisín san ló le deora aithrí as a shúile / D'fhliuch sí dhá naipicín póca ag gol / Ní bhfuair mé fliuchadh mo bhéil ann = deóir ar bith óil / Níl fliuch -adh do bhéil de phoitín ar thamhnachaí anois / Ní raibh fliuchadh do bhéil de chineál ar bith óil annseo faoi Nollaig. B'annamh leis nach go barrbachall a bheadh sé / Níor chaith sé fliuchadh do bhéil

d'uisce le leathráithe. Tá chuile shórt spalpha]/ Ní dheachaidh aon-fhliuchadh fuisce ar mo chroí (ar mo bhéal) le deich mbliana = braon ar bith / Níl fliuchadh ar a croí. Tá na beithigh ar fad imithe amach aice = níl deóir ar bith bhainne aice / Níl an oiread bainne againn anois agus a d'fhliuchfadh do chroí (do bhéal) /[Ní dheachaidh an oiread sin óil de fhliuchadh ar mo chroí cheana le bliain mhór fhada]/ "Dhá mhéad a cuid bua (bó), ní raibh fliuchadh ar a croí (de bhainne) Ach puisín go suaimhneach ag cumhdach an tí" [As "Na Ba Ciara agus Bána"] /[Ní fhliuchfadh sé do bhéal ar chuir sí san ngloine / B'éigin dom baint dhíom leis an bhfliuchadh a fuair mé / Tá an lá fliuch / Is fliuch an aimsir í]/ Tá sé cíbfhliuch anois = fliuch go maith / Bhí sé brocfhliuch ag dul a chodladh dom aréir = roinnt fliuch / Tá sé ag cothú leath-fhliuch go maith / Tá mo bhróga fraighfhliuch (fc. fragh) / "Báisteach ó Dhia againn agus é a bheith fliuch agus cuid an lae amáireach go ndéana sé inniu" [rann] / Sé moladh na mná óige a druim a bheith fliuch = ag tarraint cléibh fheamainne agus le obair shraimlí / Tá mé fliuch báite = an-fhliuch [an dá fhocal le chéile go minic] / [Bhí mé fliuch báite ar a theacht abhaile dhom aréir / Tá an mhóin seo fliuch báite / Lá fuar fliuch a bhí ann / Bhí mé ar an bportach inniu agus má bhí fhéin is fuar fliuch an áit sin]/ Tá sé cho fliuch leis an draoib (leis an aoileach agus rl.) / Bain díot na héadaigh fliucha / Taltaí fliucha iad / Tá mo shrón fliuch chuile phuinnte ag an slaghdán seo = smaois nó cranntairle liom /[Ní fhaca mé ariamh é gan srón fhliuch a bheith aige / Ná bíodh do chois fliuch ar chaoi ar bith. Is leath sláinte do dhuine a chois a bheith tirm]/ Sláinte an bhradáin: croí tirm agus gob fliuch / Tá gob sách fliuch air, má tháinig sé in aghaidh na báistí sin / Níl neart méirín fhliuch a leagan air nach mbíonn sé eirithe suas in a choileachín = drannadh chor ar bith leis; araoid ar bith a chur air; tangachtáil chor ar bith leis /[Níor leag mise méirín fhliuch air, agus bhí sé ag clamhsán orm in a dheidh sin. Abhallóir de ghasúr é. Is géar a thastódh slat uaidh / Seachain an leagfá méirín fhliuch air. Má leagann, sin é a bhuac. Gabhfaidh sé go dtí na póilíos ar an bpuinnte le "summon"sachaí a tharraint / Dheamhan méirín fhliuch a leag an máistir faoi dhó ariamh air, agus chuaigh sí soir ag sciolladóireacht

air in a dheidh sin. Sin í an mháthair agad: ag borradh le cantalóir de ghasúr. Is gránna é a ceird]/ Is fliche (flithí) anocht é ná aréir / Déarfainn féin gur fliche an carraigín seo inniu ná inné, agus shílfeá nar buaileadh aon-deóir bháistí air idir dhá am /[Is fliche istigh ná amuigh é = déarfadh duine é a mbeadh a dhóthain ólta aige leis an rud sin a thabhairt len innseacht]/ Tá sé ag dul chun fliche (flí) = an bháisteach ag neartú; nó ag teacht 'un báistí / Is mó an chosúlacht atá ar an trathnóna go ngabhfaidh sé chun fliche. / Tá súil agam nach ngabhfaidh sé chun fliche ar chuma ar bith go mbeidh muide san mbaile / Cén chiall go ngabhfá amach san bhfliuchán (: san mbáistigh). M'anam gurb ort atá an macnas! /[Fan istigh as an bhfliuchán! Ní samhaoin ar bith do dhuine é fhéin a chailleadh. Tiocfaidh neart laethanta breá amach annseo in aice chúnta Dé]/ Is mór an fliuchán a chaith sé ó mhaidin / Is mór an fliuchán é = droch-lá báistí / Níl aon-fhliuchán ar an mbóthar de bharr na hoíche caitheadh sé báisteach nó ná caitheadh / Bhí an-fhliuchán ann anuiridh = chaith sé go leór báistí / Níl aon-fhliuchán ar an móin th'éis an tuile a chaith sé = níl sí fliuch in ath-uair /[Ní iarrfadh na daoine fliuchán anois go mbeadh an féar crapha / Is dona a theigheas fliuchán domsa = báisteach, nó mo chosa a fhliuchadh san gcladach, san sliabh etc. / Fliuchán! Tabhair fliuchán air! Chuile lá i mbéal a chéile fliuch]/ Fuair sé sin neart an fhliucháin (: go leór báistí etc.) roimhe seo, agus anois atá sé ag dul roimhe / Caithfidh an fliuchán a chuid fhéin a fháil. Deir siad nach mór deachma na sláinte a íoc = má fhaghann duine fliuchán, beidh slaghdán, tinneas cnámh etc. air / Teara isteach ón bhfliuchán = duine in a sheasamh amuigh, nó ag obair faoi bháistigh /[Tá an bealach sin thar a bheith go dona le fliuchán = go leór uisce, locháin etc. ar bhóthar / Tá an fliuchán ag imeacht / Is mairg a gheobhadh fliuchán dhá bhféadadh sé chor ar bith é]/ Mara dteighe sé ar fhliuchán anois i lár an Fhómhair thall! /[Ní droch-fhliuchán ar bith é fliuchán farraige. Ní dhearna an sáile aon-dochar d'aon-duine ariamh adeir siad / Tá mé fliuch sraimlí]/ Tiocfaidh sé fliuch fós inniu /[Tháinig an lá fliuch taca am dínnéir / Is gearr uaidh fliuchán / Níl a fhios agam nach dtiocfadh fliuch don trathnóna = nach dtiocfaidh sé fliuch / Céard a chuir an fliuchán sin ar an urlár = lochán uisce: uisce.]

Focal: Ainmfhocal; Fireann: Geiniúnach Uathaidh: focail; Ainmneach Iolraidh: focla.
Focal: an oiread seo leitreacha a chur le chéile i gcruth agus go ndéantar aonad cainnte.
Foclach: Aidiacht = go leór focal; go leór cainte; gaisce, gailimaisíocht etc.

Ní bhriseann focla maithe fiacla. Níor bhris ariamh / Bíodh an deagh-fhocal ag an té a bhíos ag caint. Deir siad nach mbriseann focla maithe fiacla /[Ní fhéadfadh sé gan an rud a mbeadh an urchóid ann a rádh. Tuilleadh diabhail aige má fuair sé druim-eáil. Sé a theastuigh uaidh. Beidh a fhios aige aríst nach mbriseann focal maith fiacla]/ Is minic leis an gceann céanna an droch-fhocal a bheith aige = cainnt ghairsiúil, nó cúlchainnt faoin gcomharsa / Ní hé an deagh-fhocal a chloisfeas tú as a bhéal / Más fear do t'fhocal tú déanfaidh tú anois é = dúirt tú go ndeanfá é; gheall tú go ndéanfá é / Ní fear dhá fhocal é. Níl focal tincéara aige = briseann an tincéara a fhocal; ní choinnigheann sé a fhocal /[Ní féidir go mbrisfeadh sé a fhocal. Ba tuatach an rud dó sin a dhéanamh]/ Go díreach glan! Bhain tú an focal as mo bhéal! = A. ag caint le B. Chuirfeadh B. isteach air agus déarfadh sé an rud a bhí A. le rádh. Chuimhneódh sé gurb shin é an focal a bheadh sé ag dul a rádh agus déarfadh sé fhéin é /[Sin í an fhírinne ghlan adeir tú. Faoin smaois a bhí é a bhualadh. Bhain tú an fhocal as mo bhéal.]/ Dúirt sé liomsa go raibh sé le bróga a fháil go goirid, fiche péire nó mar sin, agus chuir mé focal ar phéire = dúirt mé leis péire a choinneáil dom, agus go gceannóinn iad nuair a gheobhadh sé iad / Tá focal agamsa ar bhuidéal poitín i mBaile na C. le dhá mhí agus ní bhfuair mé fós é /[Séard atá agad a dhéanamh: cuir focal ar thubán anois agus coinneóidh sé dhuit é nuair a gheobhfas sé iad. / Chuir mé focal ar bheart slat le fear as an Taobh Mín Dé Sathairn seo caite, ach níor thug sé chugam inniu iad]/ Tá sé in am focal a chur ar ghlaicín sprae feasta / Ní bhfuighe tú an coileán sin. Tá sé i bhfocal agamsa cheana = dúirt mé le fear an choileáin é a thabhairt domsa, ach a gcoisctí den mháthair é / Níl aon-ghnatha ag aon-dhuine an bhean sin a iarraidh. Tá sí i bhfocal cheana = tá sí le pósadh le fear áirid /[Má theastaíonn lucht feamainne uait, anois atá agad a cur i bhfocal, nó beidh tú aiste aríst. / Níl aon-phíopa ag gabhail leis an siopa, ach chuir mé ceann i

bhfocal duit ar an dá luath agus a bhfuighidh sé iad. 'Ar ndú is fada é sin. Tá aon-
mhí amháin orra ar chaoi ar bith!]/ Tá sé i bhfocal agamsa le teacht ar
páighe agam an tseachtain seo chugainn. Sé díol an diabhail é, má thugann
sé uain d'aonduine eile. Ach tá an-sceannadh air. Ní féidir fir fánaí a
fháil /[Tá focal ar laighe agam ach a dteaga siad]/ Níor dhúirt mé dhá fhocal
cainte leis ariamh = ní dheárna mé dhá fhocal cainte leis ariamh = ní raibh
mé ag caint mórán leis / Dheamhan dhá fhocal cainte a bhí ann ar fad = áit
a mbeadh troid in ainm agus a bheith ann / Is fhearr focal uaitse ná míle uaim-
se /[Níor labhair sé focal liom = níor labhair sé focal ná smid liom / Níl a
fhios agam cén t-adhmad a bhainfinn as an bhfocal sin]/ Ní raibh focal as (aige)
= ag rádh tada / Níl focal Gaeilge in a phluic / Níl focal faoi anois /
Thug sí corr-fhocal dhó = bhí sí ag coinneál corr-fhocal leis = í ag glas
-chaint nó ag sciolladh air; mar a bheadh seisean ag tabhairt milleáin di
agus ise ag tabhairt corr-ghob dó /[Bhí mé indon corr-fhocal Béarla a
choinneál leis (: a labhairt leis) ach ba fhocal fánach é]/ Thug sé focal
ar an bhfocal dom = thug sé cor in aghaidh an choir dhom = beirt ag
sáraíocht nó ag troid le chéile /[Tá sé siúd indon focal ar an bhfocal
a thabhairt duit nó is maith an cainteóir thú / Tá sé aige focal ar
an bhfocal mar a chuala sé é = go díreach mar a chuala sé é]/ Níl mé
indon rud a thógáil focal ar an bhfocal mar sin / Níor fhan focal
cainte aige. Shíl muid go raibh a chnaipe déanta / Níl focal den
chaint le fáil uaidh = duine a bheadh dorcha leat, nach mbeadh aon-
fhonn cainte air, nó a mbeadh rud aige in t'aghaidh / Ná leig aon-
fhocal dhe sin amach = bíodh fascadh ionad faoin scéal sin / Seas
ar t'fhocal anois = ná gabh siar in t'fhocal; ná bris t'fhocal;
abair an rud adúirt tú cheana / Dhá seasadh sé seo thíos ar a
fhocal, chaithfinn J. san gcúirt. Dúirt sé seo thíos liom gur
dhúirt J. leis fhéin … ach ní mhionnodh sé in a dheidh sin é.
Chuaigh sé siar san gcaint / An-fhocal é sin ag M. = bíonn sé
ag tabhairt an fhocail sin isteach in a chuid cainte i gcomhnaí /
Is mór an focal é sin le rádh. An bhfuil an cur leis ionad? / Is mór
an focal le rádh agam é, ach sén fhírinne é. Ní raibh easbaidh
scilling ná punt orm ón lá ar phós mé mo bhean / Focal é sin adúirt
mé le spóirt / Níl annsin ach focal grinn / Chuaigh sé thar a fhocal =

chuaigh sé siar in a fhocal / Chuaigh siad ó fhocal go focal nó gur áitíodar a chéile = bhain focal focal eile amach, nó gur ionnsuíodar ag troid / Níl focal ná smid faoi anois /[Níor chuala mé focal ná smid dhó (dhe) go dtí sin]/ Rug an giúistís ar fhocal uirre = rug sé ar theanga uirre = dúirt sí focal eicínt nach raibh aice a rádh agus d'aimsigh an giúistís an focal sin, agus thosuigh sé dhá cur i dteannta faoi /[Tá ag chuile dhuine a laghad agus a fhéadfas sé de phlé a bheith aige le cúirteanna. Béarfar ar fhocal ort ann nó's maith a chruthós tú. Tá dlíodóirí annsiúd agus faobhar orra ag faire ar chuile fhocal a thiocfas as do bhéal nó go n-aimsighe siad é. Nach bhfuil a fhios agam é]/ Shíl sé sin go raibh sé ro-aigeanta le breith ar fhocal air. Ach feacha fhéin nach raibh sé sách beartuithe in a dhiaidh sin. [Ní bhfuair sé comhaireamh na sop ar scáth an fhocailín fánach sin adúirt sé / Níl aon-chaibhnsiléara istigh inGaillimh indon breith ar fhocal uirre siúd. Tá fios a labhartha agus deis a cainte aice]/ M'fhocal duit, níor dhúirt mé ariamh é = dar m'fhocal nár dhúirt mé ariamh é / Dar m'fhocal níl a fhios agam cé a bhí ann / M'fhocal duit nach bhfaca mé beag ná mór í /[Mo láimh agus m'fhocal duit muis, ba mise a leagfadh air, dhá gcastaí ann mé / Mo láimh agus m'fhocal duit nach bhfuil cianóg ruadh ar m'fháltas]/ "Mo láimh agus m'fhocal duit a William Reilly ba deas a leigheasfainn do brón" [As "William Reilly"] / Mo láimh agus m'fhocal duit, níl gráinne tobac ag gabhail liom / Thug sé láimh agus focal di, go bhfillfeadh sé len a phósadh = gheall sí di go dílis / Tá láimh agus focal tugha aige di go bpósa sé í faoi cheann bliana. Ach cá bhfios cá mbeidh sé sin an uair sin. Ná bac le saighdiúr! /[Thug sé láimh agus focal di go bpósfadh sé í, ach ghread leis ingan fhios de shiúl oíche, agus níor facthas ariamh ní ba mhó é. Na tíortha coímhtheacha a thug sé air féin, agus d'fhága sé ise ar an tráigh thirm]/ Tá láimh agus focal eatorra = tá láimh agus focal tugha aca dhá chéile = tá gealladh pósta tugha aca dhá chéile / Tá láimh agus focal idir í fhéin agus S. [Mo chreach mhaidne an láimh agus focal sin muis. "Gheall tú dhom agus rinne tú bréag liom go mbeitheá rómham ag cró na gcaerach". Sin é a fhearacht aice sin é. Ní fhanfadh sí dhá mhionóid leis dhá bhfaghadh sí a mhalrait]/ D'aithin mé ón (ar) bhfocal adúirt sé nach raibh fonn ar bith air a dhul ann, dhá bhféadadh

sé fanacht as / Bhain sciorradh focail dom = bhí mé ag iarraidh focal nó rud áirid a rádh, ach focal nó rud eile adúirt mé; dúirt mé rud nach raibh cuibhiúil nó feiliúnach de dhearmad / Sin sciorradh focail. Seán Thomáis ab áil liom a rádh agus ní hé Seán Chitín / Meastú nachar bhain sciorradh focail dom, agus nachar dhúirt mé dhá ghamhain i leabaidh dhá chapall. Shílfeá gur chuir an méid sin fhéin stuaic air. Ach bíodh aige! / Fhobair an sciorradh focail sin achrainn a tharraint muis. Ba bheag ab aite leis é / Sén sciorradh focail a chuir amú mé. Shíl mé gur tigh J. a chuaigh tú in áit tigh Mh. Tuigim anois thú. Tigh Mh. a shíl tú a rádh / D'eirigh sciorradh focail dó agus sin é adúirt sé, ach go deimhin níor mhinic leis an gceann céanna an chuibhiúl -acht a rádh, níor mhinic sin / M'anam gur beag nach ndeachaidh an sciorradh focail daor air. Ní fuláir do dhuine greim maith a bheith ar a theanga i gcúirt aige. Bíonn siad ag iarraidh breith ar theanga ort / Bhí a fhios agam go maith ar an gcaoi ar las sí suas gur sciorradh uaithe a rinne an focal. Ní thiúrfadh sí deoir fhola le náire. D'imigh an chaint uaithe uaidh sin amach / Focla do charaid agus claidheamh do námhaid, an dá rud is measa ar bith duit = cuireann caint do charaid amú thú; beidh sé ag borradh leat nó ag tabhairt moladh dhuit nach bhfuil tuillte agad, agus cuirfidh sé de do threóir thú / Ag gabhail an fhocail a bhí sé an uair sin = rud adéarfá i gcaint nó i sáraíocht, agus bheitheá ag iarraidh an ghaimh nó an bhrí áirid a bheadh leis an rud sin a bhaint as, nó a thláthú anuas, nó a athrú; a dhul siar ar scéal nó ar chaint agus athrú fánach a chur ann / M'anam muise gur thug sé cneamhaire air idtosach, ach nuair a ceisníodh faoi é, chuaigh sé ar ghabhail an fhocail. Ba mhian leis a rádh annsin, nach raibh sé ach ag magadh, agus nach raibh sé ag samhailt cneamhaireacht' ar bith leis / Ag iarraidh a bheith ag gabhail an fhocail a bhí sé an uair sin. Bhrath sé nachar thaithnigh sé linne gur dhúirt sé gur thug na deirbhshiúrachaí a raibh d'éadach san teach leo, tharéis na sochraide. Chuir sé luighe eicínt eile air in athuair. Sea a mhaisce! Len a níochán, agus ní len a choinneál a thug siad leó é. Nach tráthúil! Breá nachar nigh siad é san áit a raibh sé? /[Is deacair an sean-fhocal a shárú = bíonn sé ceart i gcomhnaí; is den chríonn -acht áird a thabhairt ar an sean-fhocal / Níor dhúirt mé focal beag

ná mór leis, ach spréach sé fhéin le teann maistínteacht' / Fiacal con nó
focal duine uasail: an dá rud is fealltaí ar bith / Na trí rud is fealltaí:
cois chapaill, fiacail madaidh nó focal duine uasail]/ An dá rud is géire
amuigh: dealg láibe agus focal amadáin / Níl modh focail ar bith ag M. =
tá sé droch-mheasúil neamúch in a chuid cainte / Ab é S? Tá sé cho neamúch
len a bhfaca tú go hiomaí. Níl modh focail ar bith ann /[Dhá mba leis
an sagart a bheadh sé sin ag caint ní thiúrfadh sé aon-lascainí dhó ach
an oiread le fear den bhaile. Níl modh focail aige le aonduine. Is mór
an t-íonadh nar mharuigh duine eicínt ariamh é, agus cho coiligneach agus a bhí
an dream siúd timpeall air. Ach is le diabhal mar sin a rithfeadh sé!]/
Shíl mé go sceannfaí é. Dhá gcloistheá é ag caint le na hamhais sin
thiar. Níl modh focail ar bith aige. Mharóidís an té a bheadh tláth leó, ach
diabhal araoid ar bith a chuir siad airsean th'éis nach raibh sé ag
tabhairt sásamh ar bith faoin domhan dóibh / Níor chuir mé cor an fhocail
air = níor chuir mé ionntú an fhocail air = níor chuir mé athrú an fhocail
air = ceó ar bith bréige ach mar a bhí an scéal; an scéal a innseacht
amach gan frapa gan taca mar a bhí sé; gan agús ar bith a chur
san scéal, ná bréag ná áibhéil a dhéanamh faoi /[Sin é an rud adúirt
sé go díreach glan. Nar leige Dia go gcuirfinnse cor an fhocail air.
Tá seisean ar shlí na fírinne agus mise ar shlí na bréige / Ní duine é
Seán a ghabhfadh ag cur ionntú an fhocail ar tada. Innseóidh sé a
scéal duit go baileach gan baint dó ná cur leis / Bhuel chuir sé athrú
an fhocail air thar mar a chuala sé agamsa é. Séard adúirt mise
… Tá sin cho siúráilte leis an lá beannuithe]/ Ná hinnis do scéal
d'aonduine. Má innsíonn gabhfaidh cor an fhocail air. Nach air sin atá
daoine ag faire. Beannacht Dé dhuit! Feacha a gcloiseann tú de
luaidreáin chuile lá / Níl gnatha tada a innseacht dhi sin, mar cuirfidh sí
ionntú an fhocail air. Ní theagann iadhadh ar a béal ó mhaidin go faoithin.
An muileann a bhíos ag síor-mheilt 'ar ndú', meileann sé mín agus
garbh / Bhí siad ag tabhairt cor na bhfocal dhá chéile = ag díbliú a chéile;
ní móide go mbeidís ag sciolladh ar a chéile amach agus amach, ach an rud
adéarfadh duine d'fhastódh an duine eile é, agus thiúrfadh sé priocadh ar
a shon don chéad-duine agus dá réir sin; sáraíocht, argóinteacht /[Bhí sí
ag tabhairt cor na bhfocal dó, agus go deimhin má bhí fhéin, sí atá deas

air. Diabhal bréag nach bhfuil! Ach cá bhfágfadh sí é? Inín Ú. Bh. Níor fhága sí dual ná slis amuigh / Shíl mise go n-éistfeadh S. leis, ach m'anam nar éist. D'áitigh sé ag tabhairt cor na bhfocal dó. Dheamhan priocadh dhár thug sé do Sh. nar thug S. priocadh ar a shon. D'fhuagair sé air go mbrisfeadh sé as an obair é. M'anam gur thug S. a dhúshlán.]/ Deir tú leis an lá faoi dheireadh a thosuigh ag tabhairt cor na bhfocal don mháistir. Nach mór an éisteacht a bhí ag an máistir leis, nar thosuigh dhá ghriosáil. Dheamhan griosáil muis. Sén chaoi ar thosuigh sé ag gáirí /[Dhá dteigheadh sé ag tabhairt cor na bhfocal domsa, is aige a bheadh an ceann salach den mhaide. Bíonn mo theanga ar mo chomhairle fhéin agamsa scaití freisin.]/ Duine mór-fhoclach é = gaisciúil; go leór floscaí agus gailimaisíocht aige; a bheith an-áibhéil in a chuid cainte / Ní raibh mé mór-fhoclach ariamh, ach b'fhéidir dhá dteighinn ag déanamh gaisce go bhfuil an oiread údar gaisce agam le daoine a bhfuil caint mhór aca / Deir tusa go ndéanfá a ghníomh. Diabhal é go mbeirtí aríst thú! Níl maith ar bith do dhuine a bheith mór-fhoclach mara bhfuil an cur leis ann. 'Ar ndú' ní bhíonn aon-chíos ar an gcaint, adeir siad /[An bhfaca tú aonduine cho mór-fhoclach léithe ó a rugadh thú? "Cailleadh sé bhudóig bhreá ar Sheán anuiridh le ceathrú ghorm". Cén uair a bhí sé bhudóig ag Seán? Fear atá ag iarraidh a chodach, nó indáil leis. Nach simplí a cheapas sí na daoine a bheith?]/ Dhá mbeadh sé ag dul a chodladh in a throscadh, bheadh sé mór-fhoclach. Dar go deimhin bheadh. Ach is dual dó na floscaí a bheith aige. Bhídís ag a mháthair fhéin. / Níor chuir sé focal chuige ná uaidh = níor chuir sé araoid ar bith air /

Feanc: Ainm-fhocal; Fireann: Uimhir Iolraidh: feancannaí [níor chuala mé claochlódh tuisil air] = cor; filleadh ná feacadh; é a chorraí ón láthair.

Chaith mé leathuair ag iarraidh é a chorraí, ach chinn orm feanc a bhaint as = cor; filleadh ná feacadh a bhaint as / É sin riu! Tá sé in aon-tulán amháin, agus ní bhainfeadh seacht gCatha na Féinne feanc as / Chaith mé an lá ag dul di le gró (do chloich), ach dhá naomhtaí mé, ní fhéad -fainn feanc a bhaint aisti. Dar príosta, ní bhainfinn / Bhí cloch annsin thíos ag ceann an bhóthar, a mbíodh fir láidre dhá bhféachaint féin léithe. Ní bhainfeadh R. feanc aisti, ach thugadh T. gaoth di gan stró ar bith. Ba ghearr air é /

Fíóg: Ainmfhocal, Buineann = cineál bhroibh, nó geataire; coinneal nó fáideóg; maiste; rud le píopa a lasadh (fíóigín).

Tá sé cho caite leis an bhfíóig = tá sé cho caite leis an ngrinneal = níl bior eanga air = níl saill ar bith air / Ní bhfuighidh sé an té a fhiafrós an mhuic sin. Nach bhfuil sí cho caite leis an bhfíóig. Ná bac thusa le muic ar bith nach dtóigfear go maith le bran /[D'imigh sé as go mór ó a tháinig sé abhaile. Tá sé cho caite leis an bhfíóig anois. Shílfeá gurb éard a thiocfadh sé chuige fhéin. In a leabaidh sin, níor fhan sciolltar ar bith air / Níl aon-cheo saille air ach an oiread le fíóig. Tá sé imithe ar an uisce bruite ar fad]/ Bain binnsín (beinnsín) fíógaí má chastar suas sna barra thú. Dhéanfaidís mapa srathrach dom / Tá na híochtair annsiúd faoi fhíógaí móra millteacha. An té atá ag iarraidh broibh is ann atá aige a dhul / Dhá bhfaghainn glac fhíógaí le ropaí a chur ar na cocaí féir sin amuigh! Ba cheart go mbeadh dalladh aca thuas i mbarr an bhaile agadsa /[Tabh'r'am fíóigín go lasa mé an píopa seo = maiste a dhéanamh de thuí nó de bhroibh / Síos leat agus tabhair aníos fíóigín agam ón teine. Tá an diabhlánach de phíopa seo as aríst. Múchadh agus báthadh air. Ní choinneódh do cheannfinne dearg é]/ Fág annsin iad sin. Sin iad na fíóigíní atá ag Deaideó l'aghaidh a phíopa. Meáróidh sé muid má fhaghann sé imithe iad / Ní fhaca tú aon-choinneal ariamh is fhearr ná fíóig. Siad a bhíodh againn uiliog fadó. = fíógaí a bhaint agus a dhlaoitheadh. Bealadh a chur annsin air. Ola faidhtíní nó ola runnach a leaghadh ar cham agus na fíógaí a thumadh inte: sin í an bhealadh. Fód móna a fháil annsin agus cipín sailí agus an cipín a chur san bhfód, agus eanga a chur i mbarr an chipín agus an fhíóg a chur isteach san eanga. Nuair a bheadh an fhíóg (brobh) caite go dtí an eanga, leigean leis amach aríst an fhad céanna agus mar sin nó go mbeadh sí caite. Seo iad an cineál coinnle a bhí ann leathchéad agus trí fichid bliain ó shoin. /[Chaithfeá na fíógaí a bhaint idtosach. Nuair a bheitheá dhá ndlaoithiú níorbh fhuláir duit stríoc den dlaoinín a fhágáil uirre nó thuitfeadh a mbeadh istigh inte amach in a mionús. Chrochfá suas ar stálú san simléar annsin iad, nó go mbeidís tirm. Nuair a bheidís tirm sheasfaidís suas i lár an ruda, bheidís cho láidir sin. Annsin bheidís faoi réir

len a lasadh]/ Ní bheadh fíóg ar bith agaibh ó tá na coinnle gann / Ba cheart duit gabhail fhíóg a bhaint. Bheadh solas breagh orra thárla nach bhfuil aon-ola lampa le fáil / Dhá mbeadh slam fíógaí againn ghabhfadh muid ag coinnleóireacht. Ba bhreá an rud glac smólachaí a mharú agus a róstadh. Rinne muid íosbairt mhór orra anuiridh /

Foirm: Ainmfhocal. Níor chuala mé san gcaint é ach amháin san leagan "i gclár ná i bhfoirm" [tá an leagan seo coitianta]

Níl an scéal sin i gclár ná i bhfoirm = níl ann ach bunscéal = níl a leithide de scéal ann chor ar bith; níl an scéal sin amhlaidh chor ar bith; is breágh é; is scéal é agus a thóin leis; is scéal contráilte nó scéal seafóideach é; nó scéal nach bhfuil ciall ná réasún leis / Dúirt sé é sin! Dúirt sé go bhféadfadh ceachtar againn atá fúithe an fheamainn pháirteach a bhaint agus nach mbeadh aon-mhaith aon-tréas a chur air, nach gcaithfí é san dlí. Thug sé a éitheach! Cén chiall nach gcaithfí? Déanadh sé mar sin é feiceamuist! Sin caint anois nach bhfuil i gclár ná i bhfoirm /[Tá fólaim ortsa, bail ó Dhia agus ó Mhuire ort, ach má sin í do chuid cainte anois go raibh dhá Naomh Pádraig ann, ná bactar leat! Nach deas uait a dhul ag cumadóireacht … Eiriceach a bhí san té adúirt é sin. Níl an rud sin i gclár ná i bhfoirm, agus ná géill thusa do'n fhear sin. Nachar chuala muid ariamh nach raibh ann ach aon-Naomh Pádraig amháin, moladh go deó leis]/ Go bhfuil siad indon an cloigeann a bhaint de dhuine agus cloigeann eile a chur air! Go dtuga Dia ciall duit! Níl do scéal i gclár ná i bhfoirm! [A' dtiúrfása cead an cloigeann a bhaint díot fhéin?]/ Bhí "gaeilgeóirí" — brat aca — tim-peall air seo thíos trathnóna, agus é ag innseacht dóibh. Go deimhin má bhí fhéin, ní raibh an rud a bhí sé a innseacht i gclár ná i bhfoirm. [Ach cuireadh síos ar na leabhairíní é. Tiocfaidh siad leis!]/ Tá foirseadh mór cainte aige, ach nach bhfuil a leath i gclár ná i bhfoirm. Chuirfeadh sé dallach dubh ort mara mbeadh a fhios agad cé hé fhéin / Níl an chaint sin faoin gcogadh i gclár ná i bhfoirm. Má tá, cén chiall nachar chuala muid cheana í. Is gearr air sin a cumadh as a údarás féin. Sé atá deas air /

Fiar: Ainmfhocal: Fireann [níor chuala mé aon-claochlódh tuisil air]
Fiar = claonadh; féithiú; indiaidh leathtaoibhe; crasáilte; neamh-dhíreach; camta; ar leath-bhord; dronn.

Ní mór dóibh fiar a thabhairt dóibh fhéin inniu (: báid). Ní thiocfaidís isteach díreach i súil na gaoithe. Tá sé in a lom gaoithe adtuaidh anois = a theacht isteach ar tír ag tornáil /[Cuirfidh mé geall leat go dtiúrfaidh sé fiar dó fhéin soir anois, agus gurb ón taobh thoir a ghabhfas sé isteach ann. Ar bhoird mar sin a theagas sé is chuile theach. Is dóigh gur briotais é atá aige]/ Th'anam ón diabhal, thug tú fiar ro-mhór don chlaidhe sin. [Breá nach bhfuair tú dorú talúna agus a chur leis. Ní caoi ar bith é sin le claidhe a dhéanamh. Tá go leór talúna diomhalluithe agad annsin]/ Tá an-fhiar ó thuaidh le tabhairt don bhóthar ag an ngleann. Gabhfaidh sé isteach cúig nó sé de throithe ar chuid T. Mh. Nach hé a bhéas goilliún-ach má chailleann sé mórán talúna. Ach céard atá ann ach leac? / [Má tá tú le portach nua a oscailt annsiúd i mbliana, tabhair fiar siar dhó, i gcruth agus go mbeidh ceann le fánaidh ag an uisce]/ Bhí sé sínte ar an teallach ar fiar = ní raibh sé sínte díreach, ach claonta / Ní chodlódh aon-duine beó néal in éindigh leis ar leabaidh. Sén chaoi a síneann sé é féin ar fiar = treasna ó chois na leabthan go dtí an cúinne is fuide uaithe sin ag a ceann /[Cén diabhal ná deamhan a d'fhága an carr sin amuigh ar fiar ar an mbóithrín? An bhfeiceann sibh nach féidir le duine a dhul síos ná aníos aige?]/ Fág an claidhe beagán ar fiar mar seo nuair a bhéas tú dhá dhéanamh, i riocht agus go mbeidh casán isteach annseo agad. Níl maith ar bith dhuit é a leigint díreach / Siúileann sé gan fiar = díreach /[Nach hé atá indon siúl gan fiar bail ó Dhia air. Is breá an foránach fir é / M'anam má bhí sé ar meisce gur shiúil sé abhaile aréir gan fiar ar bith]/ Ní thiocfaidh an bád sin san gcéibh. Tá sí ag fanacht ar an mbord soir gan fiar ar bith = gan camadh; gan féithiú isteach; tá sí san gcúrsa díreach /

Frasaíl: Fraiseach: Ainmfhocla; buineann = féile; flaisc; córtas; einneach; gnaoidhiúlacht; rabairne; caifeach; drabhlásach; bruighshléacht

Frasach: Aidiacht = cóir, fial, flaithiúil, rabairneach, caifeach, gnaoidhiúil.

Chaith sé a chuid airgid in a fhraiseach = rinne sé flaisc = chaith sé go rabairneach é /[Má chastar i dteach an óil chor ar bith é, imíonn an t-airgead uaidh in a fhraiseach / Fraiseach mar sin a níos sé i gcomhnaí, má dhíolann sé gamhain ná muic. Dhá mbeadh sé in a ridire ní sheasfadh airgead leis]/ Seachain anois a ndéanfá fraiseach den phunt sin mar a níos tú i gcomhnaí. Ní bheadh caitheamh in a dhiaidh ar bith agam, marach an dream a mbíonn tú ag tiomaint óil orra. Diabhal uisce na bhfataí a thiúrfainn dóibh / Rinneadh flaisc agus fraiseach annseo thíos aréir. Níor sheas cheithre galúin fuisce achar ar bith. Bhí a shliocht orra: ní raibh geinealach an bhéil bheó ann nach raibh dallta ar meisce /[Ná déanaighidh fraiseach den bhraon fuisce sin anois. Is maith an rud riar a thabhairt dóibh. Tá a gceart i dhá ghloine.]/ Sí a chuid frasaíl fhéin a d'fhága mar sin é. Níor sheas an uachta dhó mórán le bliain. Nach mbíodh sé ag glaoch is chuile theach ósta san tír / Má bhíonn sé ar an bhfrasaíl sin, is gearr le dhul air a chuid saothrú. Bánóidh sé é féin / Níl maith ar bith i bhfrasaíl. Féadfaidh duine a bheith gnaoidhiúil, gan failic a dhéanamh ar fad / Bhí cuid agus maoin aige, ach d'fhága frasaíl a mhná gan bonn bán é. Bhí an croí mór aice. Ro-mhór a bhí sé. /[M'anam nach bhfuil frasaíl ar bith in S. Deirimse leatsa gur beag a gheobhas brabach air sin / Tá sé anfhrasach len a chuid airgid. Ní sheasfadh punt dhá mhionóid dó]/ Féadfaidh duine a bheith fial frasach nuair a thiocfas an ócáide air, agus is corr-uair é sin. Ní hé gach aon-lá a maraíonn Páidín iasc adeir siad / Diabhal mé go bhfuil sí cóir frasach faoi dhá mbeadh tarraint a láimhe aice. Is mór is fiú an fhairsingeacht ar aon-chor. Ní ghabhfaidh fial go hIfreann, adeir siad /[Sé croí na féile é a mhic ó! Níor rug aon-fhear ar scilling i gcaitheamh an tsaoil ariamh is frasaí a chaithfeadh í ná é]/

Feárnóg: Ainmfhocal; Buineann = an crann a dtugtar alder i mBéarla air. Tá dhá chineál ann: an fheárnóg bhog (bhriosc) agus an fheárnóg bhán. Chois abhann, nó in áiteachaí a mbíonn fuarloch orra, nó i dtaltaí boga a d'fheicfeá feárnóg. Is droch-adhmad í. Ní chuirfí ag déanamh tada í, ach mion-obair nach mbeithí ag súil le aon-bhuaineadas inte. Bhí go leór di sna bróga adhmaid a bhí ann i gcaitheamh an chogaidh: sna "clogs". "Díogha na coille iubhar agus feárnóg" adeirtear ["Díogha gach síon sioc más buan; díogha na coille iubhar agus feárnóg; díogha na ndaoine droch-bhean", agus rl.].

Freochanta; Friochanta = Aidiacht = na súile a bheith beó agus ag síor-chorraí; na súile a bheith ag rinnce le olc; cantalach; luainneach; "te"; bunáiteach; corr-mhéiniúil; mí-shuaimhneach; mí-fhoighdeach; stuacach.

Tá an gasúr sin an-fhreochanta = bheadh sé ag gabhail timpeall tí ag tabhairt gach rud faoi deara / Tá na súile an-fhreochanta aige bail ó Dhia air. Ní fhaca mé aon-pháiste ariamh in a aois is freochanta a bhfuil siad aige ná é /[Má bhí sé ar meisce muis, bhí na súile an-fhreochanta aige. Ní raibh siad marbh in a cheann mar a bhíos siad scaití eile / Cén aois an stuimpín sin? Sé bliana? Sí atá freochanta a mh'anam. Níl a dhath coimhighis uirre a thiacht isteach annseo. Dheamhan é muis]/ Nach freochanta atá an coileáinín seo? Déanfaidh sé an-mhadadh. D'aithneóinn air é / Tá sí cho freochanta len a bhfaca tú ariamh. Níl aon-cheo san teach nach leagfaidh sí a súil air, mara mbeadh sí istigh ach dhá nóiméad /[Siopallach cheart í sin. Tá sí ag imeacht cho freochanta agad. Bíonn fibín uirre i gcomhnaí / Ná cuir araoid ar bith air. Tá sé sin te friochanta. Cá dtriallfaidh sé anois? Dheamhan a fhios aige fhéin sin chreidim, ach é indiaidh a chinn roimhe mar sin]/ Nach freochanta atá an laoighdín sin. Ní maith a bhí a chosa déanta aige, nuair a bhí sé ag breathnú soir thar claidhe. Má theigheann sé len a mháthair, is dual dó an bhradaíl a bheith ann. Ba é díol an chlampair í a choinneál anoir thar an gclaidhe sin ach oiread / Tá sean-T. sách freochanta fós, th'éis an aois atá aige. Ní theigheann duine ar bith thart i ngan-fhios dó. Ach níl grinneadas ar bith fanta ann in a dheidh sin /[Tá sé cho giorraisc len a bhfaca tú ariamh. Chreidim dheamhan neart aige air. Bhí sé ag obair in éindigh linne, nó gur buaileadh síos é. An tinneas a rinne cho freochanta é sílim (: cantalach, mí-fhoighdeach). Tá sé as a shlainte / Bíonn sé ag imeacht annsin cho freochanta agus a d'fheicfeá cut óg ann.]/ Tá sé ro-fhreochanta. Ní fhágfaidh sé aon-duine gan cur in a aghaidh. Fear ar bith atá in a cheann posta seisean, níorbh fhuláir dó foighid naoimh a bhí aige /[Tá sé freochanta inniu thar mar a bhí sé inné. D'aithneóchthá ar a shúile é. Ní raibh spleódar ar bith inné ann. Ach diabhal mé go mbeadh an-mheas agam air inniu. Má tá fhéin, gabhfaidh sé rite leis aon-mhaith a dhéanamh. Droch-ghalra é sin]/ Ní hé dálta a dheirbhshíre é, tá sé cho freochanta le siúáinín an charnaoiligh. An ruifíneach bradach! Theastódh neart slaite uaidh (: páiste). Níl smacht athar ná máthar air /.

Fáideóg: Páideóg: Bráideóg: Ainmfhocal buineann [is annamh a thugtar bráideóg air. Deirtear páideóg in áiteachaí i gConamara, i Muigh Cuilinn, ar an Achréidh] = (i) sórt coinneal nó troisleán a dhéantar d'fhíógaí nó de bharraigh nó de ghiúsaigh. (ii) buaicis, géabhóg, coinneal. (iii) cliathóg [ar dhéanamh báid. fc. cliabhóg]. (iv) cineál cnuimhe a bhíos i dtuí agus i bhféar.

Déan fáideóg = (i) fíóg a dhlaoithiú, a stálú, a thomadh i gcam a mbeadh ola aobha runnaigh nó faidhtín ann, agus a lasadh (fc. fíóg). (ii) nítí fáideógaí barraighe freisin, beagnach ar nós rópa. Ola aobha éisc nó geir a bheadh san gcam nó san slige. Sheasfadh fáideóg bharraighe a dhá fhad agus a sheasfadh fáideóg fhíóige. (iii) Fáideóg ghiúsaí: píosa giúsaí a fháil, sliseógaí a dhéanamh dhe, agus a stalú. Na sliseógaí snuite sin a cheangal ar an bhfad indiaidh a chéile — cho fada le formna — agus sreangán orra. Bheadh trí nó ceathair de shliseógaí ann indiaidh a chéile. Chuirfí ola lampa amuigh ar a cloigeann (: cloigeann na fáideóige) agus bheadh buidéilín beag ola lampa agad in do phóca le braon a bhualadh uirre corr uair, de réir mar a bheadh sí dhá hídiú. Ar aibhneachaí ag saigheadóireacht a bhíodh na fáideógaí giúsaí ag daoine. Déantas na fírinne bíonn siad in áiteachaí fós. D'fhóinfidís ag coinnleóireacht indiaidh éan freisin, ach ba í an fháideóg bharraigh [(ii)] nó an fháideóg fhíóige [(i)] is mó a mbaintí leas asta le bheith ar an gceird sin. Bhaintí an tóin as buidéal agus chuirtí siar an fháideóg thrín a scluig. Fáideógaí fíóige nó barraighe is mó a níodh solas den teach, ach dhá mbeadh duine ag dul ar aistir thrí shliabh nó a leithide, fáideóg ghiúsaí a bheadh aige. Measaim gur tugadh fáideóg ar chliathóig faoi go bhfití an chliathóig go minic d'fhíógaí ar nós na fáideóige féin. /[B'fhearr go mór aobha éisc ná geir le fáideóig a dhéanamh. Chonnaic mise 'chaon cheann aca / Bhuail P. M. an fháideóig siar san bpus ar Ph. T. an maor. Tháinig P. T. air agus é ag tógáil bhradáin san linn. Dheamhan blas den cheart nach raibh aige leis. Is mór a d'fheil dó a dhul ag bacadh leis. / Má fhaghann tú fáideóg ghiúsaí gabhfaidh muid ar an abhainn oíche eicínt! Ní féidir nó eireóidh béilí éisc linn]/ Déan bráideóg fhíógaí agus gabhfaidh muid ag coinnleóireacht. Tá na crícheannaí sin siar beó beitheach le smólaigh agus lonta dubha / Dhá mbeadh fáideóig bharraí fhéin ag na daoine ní bheidís

bascha. B'fhearr iad ar chaoi ar bith ná na coinnle atá ar an saol ó tháinig an cogadh. Bíonn siad ídithe ar an bpuinnte le smál. Sheasfadh fáideóg achar fada. An bhfuil cainnt ar bith go bhfairsingeóidh ola go goirid / [Ní raibh de sholas againn le theacht amach as ach solas fáideóige. Diabhal a mbeadh de chailleadh uirre sin fhéin ach nach raibh aon-deóir ola mhór againn le cur uirre. Sin é a d'fhága in ar mbambairne muid / Ba gheall le solas fáideóige a chonnaic mé ag teacht aniar an tamhnaigh ar ball. Ní féidir gurb iad muinntir Bh. a bheadh ag tóraíocht duine eicínt, nó b'fhéidir gur beitheach a chuaigh amú / Ní raibh ach an cléireach ag teacht amach leis an bhfáideóig len a coinnle a lasadh san am ar shroich mé an séipéal. Ní raibh ceathar ann rómham]/ Déan fáideóg den pháipéar sin agus las dom é l'aghaidh mo phíopa = maiste; fíóg; figh suas ar a chéile é, agus las é ar nós fáideóige / Tabhair fáideóg agam as sin (ón teine) l'aghaidh an phíopa seo. Tá sé múchta aríst. Múchadh agus báthadh air! / An bhfuil fáideóg ar bith san lampa? = buaicis / Caithfidh sib sórt fáideóg eicínt a sholáthar in áit eicínt l'aghaidh an lampa sin. Tá an t-áirneán ar fáil, agus ní fhéadfaidh sib a bheith in ur Muintir Dhorchaí ar fad / Dírigh an fháideóg san gcoinneal sin, nó is gearr go mbeidh sí ó rath le smál / Cheal nach bhfuil fáideóg ar bith agad ann = battery i "bhflash lamp" /[Dhá mbeadh fáideóg san laimpín atá thuas annsin, is iomdha leas a dhéanfadh sé ag dul ag breathnú ar bheithigh san oíche. Bíonn lóchrann breá air]/ Tá muileann solais déanta aige ach níl sé ag féadachtáil an fháideóig a chur ann. Nach stuama an duine é? Bhí sé sin deaslámhach ariamh. Ní raibh ann ach é ag fáil leigean ar an rud, agus dhéanfadh sé féin aríst é / Tá tú mar a bheadh cut ag cangailt páideóige = tá sé ag cangailt ar nós mar a bheadh cut ag cangailt fáideoige = an-díocasach, agus bheitheá an-chantalach dhá dteightí in do ghoire nó dhá gcuirtí aon-araoid ort [Bíonn an-fhonn ar chuit a bheith ag cangailt fáideóg arae santuíonn siad an bhealadh — geir nó ola aobha éisc — a bhíos ar na fáideógaí] /[Bhí sé istigh san gclúid agus é mar a bheadh cut ann ag cangailt fáideóige. Feiceamuist teirigh in a ghoire! / An bhfeiceann tú an changailt atá ar an asal san síol féir! Dar brí an leabhair tharraing sé (cic) orm, nuair a shíl mé a dhul in a éadan! Sin é an diabhlánach! Tá sé mar bheadh cut ann ag cangailt páideóige anois. Beidh scéal agad air a

bhithiúnaigh, ar feadh mise maide maith téagarach a fháil!]/ Bhí sé taobh istigh den sconnsa agus é ag cláradh na mná mar a bheadh cut ag cangailt fáideóige! Diabhal a leithide de dhíocas! Ba deacair é a bhearradh san am ar buaileadh an dairt air. Dhéanfadh sé gortú dhá mbeireadh sé ar aonduine /[Fág san diabhal annsin é agus siúil abhaile! Beidh sé ag suímínteacht leis an bpionnta sin annsin anois ar feadh na hoíche mar a bheadh cut ag cangailt fáideóige. Bheitheá caillte ag fanacht leis / Dhá bhfeictheá é agus cnáimh aige agus é dhá chrinneadh. Chaithfeadh sé go raibh an fheóil an-roighin ar an gcnáimh. Bhí sé leis ar feadh uaire. Ní thiúrfá de shamhail dó ach cut ag cangailt fáideóige / Má fhaghann Cóil fáill ar an bpíopa is leis ar feadh na hoíche é! Beidh sé dhá dhiúgadh annsin mar a bheadh cut ag cangailt páideóige. Ní fhágfaidh sé an ghail ghorm fhéin ann. Tá baol air]/ Ní raibh mé ariamh gan an choinneal nó a hábhar ach uair amháin agus rinne mé fáideóg = ní raibh mé ariamh gan an choinneal nó a hábhar ach uair amháin ar choinnigh mé fáideóg = ní raibh mé ariamh gan an choinneal nó a hábhar nó má bhíos ní raibh Fionnán gan broibh (ainm áite) (Fc. "coinneal", "ábhar") / Tá an féar sin frén a chéile faoi fháideógaí fuara = cnuimhe agus cloigne dearga orra. Iad beag agus mór. Bheitheá millte le salachar a níos siad san gcoirce. Is mór an ghráin cuid aca. Ní bhíonn siad i gcuid den choirce chor ar bith. An chruach a níos iad /[Tá mé faoi fháideógaí fuara ar fad, in áit a raibh mé sínte san gcoirce sin. Nach diabhlaí sin anois! An chruach a bhuail muid inné, ní raibh ceann dhíobh ag gabhail léithe / Tá rud eicínt ag snámh orm. Tá a mhaisce! Fáideóg fhuar! Nar fheice Dia an t-ádh ort! Dhá mbeadh maith ionad, ní annsin a bheitheá, ní hea sin / Ní fhaca mé aon-chruach go hiomaí is mó fáideógaí fuara ná í sin. Tá sí bratha leo.
Meastú cérb as a dtáinig siad. Rudaí brocacha iad ar aon-nós.
Milleann siad an coirce. Nach haisteach an rud le rádh leat anois é, ach ní fhaca mé aon-cheann de na fáideógaí fuara sin ariamh air choirce bharr an bhaile. Is cosúil gurb é an talamh a níos iad.]/ Nuair a bhain mé a chuid balcaisí den ógánach sin (: gasúr) aréir, bhí sé ag snámh le fáideógaí fuara. Bhí siad ag tuitim as a chrioslaigh in a gcuasnógaí, de bhárr a bheith dhá ionnfairt fhéin san bhféar ar feadh an lae inné. Is colúil an rud iad. Ní thaithneóidís liom chor ar bith / Caith dhíot na fáideógaí fuara sin. Tá péire aca treasna ar a chéile ar do shlinneán /

Formna: Foramna: Ainmfhocal, Fireann; uimhir iolraidh: foramnaí.
Formna: stól fada gan slinneán ar bith, agus cois amháin ar a leithead faoi,
ag gach ceann [form i mBéarla].

Suidh síos annsin thall ar an bhforamna / Cá ndeachaidh na formnaí a bhí
uiliog san teach seo? / Níl an scéal sin i gclár ná i bhformna = i gclár ná
i bhfoirm. [Tá fonóid focail ann: formna a dhéanamh d'fhoirm fc. foirm] /

Fuláir: Aidiacht [fʼlʼār. Tá an u imithe. F agus l caol agus an r deireadh leathan.
Tá mé dhá scríobhadh in a "fhuláir" mar gur mar sin is ionduala a scríobhtar é.
Focal an-choitianta i gcaint é, go háirid i gCois Fharraige]

Ní fuláir dhuit a bheith ar t'áirdeall fhéin = ní mór duit = is ceart duit /
Ní fuláir dhó deifir a dhéanamh más leis a bheith in am / Sé cinn a fuair tú.
Ní fuláir duit sin. Is beag a bhéas le reic agad ach a mbeidh
ábhar dorais bainte asta / Tá sé maith go leór ach ní fuláir dó é =
ní mór dó cho maith agus atá sé = níl sé ach maith go leór / Chuaigh sí
scór punt. M'anam nach fuláir di cho maith agus atá sí ar scór. / Tá
aitealla beag aige, ach ní fuláir don lá fós cho maith agus atá sé. Ní
mian leis eirghe as (: an mbáistigh) shílfeá / Níorbh fhuláir duit sé phunt
a dhéag a fháil ar an dá ghamhainín sin anois le bheith íocha ionta. Nar
thug tú fhéin aon-phunta dhéag orra? / Níorbh fhuláir dó cho láidir agus a
bhí sé. Dar fiadh dhá n-airíodh an ceann eile buille marbh ar bith ann,
thapódh sé é. Is buachaillín cruadh é an fear eile fhéin / Ní fuláir don
lá a fheabhas = níl an lá ach réasúnta / Níorbh fhuláir don talamh múir-
ín báistí a fháil anois. Tá sé dóite dhá uireasa / Ní fuláir duit foighid a
bheith agad. Ní dhéanfar de rith ná de léim mar sin é / Níorbh fhuláir dhomsa
gur leig mé liom fhéin ar chaoi ar bith. Marach gur leig, gheobhainn garbh é /
Ní fuláir do dhuine a dhul san bpraghas le culaith éadaigh anois. Mara dteighe
ní bhfuighidh sé aon-éadach ar fónamh / Níorbh fhuláir do dhuine fairsingeacht
reasúnta talúna a bheith aige do chaoirigh. Sliabh a d'fheilfeadh ceart iad /

Feire glinnte: feire glinnteachaí: Ainmfhocla san Iolraidh (is cosúil).
= sna seala babhtaí; sna caoir theinte; sna fascaí; sna gáinní báis.

Bhí sé ag imeacht sna feire glinnte / Ní bheadh call duit slat ar bith

a leagan uirre (: capall). Bheadh sí sna feire glinnteachaí uaithe féin /
[Thug J. amach an láirín agus é ag dul suas go F. "Ní fré chéile a chacfas
sí seo" adeir sé, ag déanamh gaisce aisti. "Fan go bhfeice sib mise
ag dul soir an bóthar sna feire glinnte uirre". Dheamhan dhá
choisméig a ghabh an capall nó go raibh bualtrach déanta aice!]/
Bhí sé (an gluaisteán) ag imeacht sna feire glínnteachaí. Ní
mórán le go raibh sé ag fanacht ar bhóthar ar bith le siúl /

Foillsigh (: fəiʟʼsə): Briathar = tugtar le teasbánadh; agruíthear; freag-
ruítear (ar); is follasach ar an gcaoi a mbíonn duine go ndeárna sé coir nó
rud as bealach cheana [níor chuala mé ar aon-bhealach eile san gcaint é, ach
mar atá sé sna samplaí rómhat síos]

Rinne sé an choir. Is furasta aithinte anois air é, ní dhá roinnt leis é.
Foillsíonn Dia rudaí mar sin = agruíonn Dia rudaí mar sin ar dhuine
(san saol seo fhéin); is follasach é na rudaí a thárluíos do dhuine go
raibh Dia ag ídiú nó ag fearadh a dhroch-ghníomhra air /[Foillsíonn
Dia an droch-ní i gcomhnaí dhá fhada go dtí é. Deir siad go bhfuil muilte
Dé mall ach go meileann siad mín … Feacha an fear sin thiar. Mharuigh
sé comrádaí leis ar an sliabh. Dheamhan a fhios agam ar mharuigh nós
marar mharuigh — diúltaíomuid dhó — ach go raibh sé ráite leis. Nach maith
a tháinig sé san saol gur thárluigh an cleas céanna dhá mhac fhéin.
Thug an t-athair an eang leis. Ar an mac a hídíodh é]/ Má tá Dia
thuas foillseóidh Sé É fhéin ar an bhfear sin faoin anshógh a leig sé
ar a athair agus ar a mháthair. / An corpadóir bradach! Sé cóir Dé é
an méid sin a eireachtáil dó. Ba bheag aige fhéin dícheannadh a
dhéanamh ar chréatúir bhochta. Chuir sé an bhaintreach sin thuas de
dhruim tí. Chuir sé faoi ndeara di páipéar a shaighneáil dó ar a cuid
talúna agus gan a fhios aice céard a bhí ann, ach gur theastuigh cupla
cloch mhine uaithe l'aghaidh a háilín … Ach foillsíonn Dia an éagcóir
míle glóire agus moladh leis fhéin. [B'fhéidir go bhfuigheadh an cneamhaire
ar a mhéis fhéin anois é, agus ní ag amhdú an oilc é, ní mór linn dó]/
B'fhada a rith an scaibhtéaracht leis, ach d'fhoillsigh Dia É féin air
san deireadh. Sé Dia an fear is fhearr in a dheidh sin / Nar leige Dia
go bhfearfadh Sé a chionnta air. Tá an rud thart anois, agus níl muid ag

guidhe an oilc dó, th'éis a ndeárna sé orainn. Ach foillseóidh Dia an chréatúlacht luath nó mall /[Ná bacaighidh léithe. Leigidh di. Fágaidh ag Dia í. Foillseóidh Dia É fhéin uirre. Más mall is trom í díoltas Dé, adeir siad / Ba deacair dóibh an t-ádh a bheith orra, go mba leó fhéin uainne é. Shíl siad go raibh siad in a rith seóil ceart críochnuithe anois.] Bhí a dhá láimh timpeall ar an saol. Ach is ag Dia is fhearr a fhios. Foillsíonn Dia an chneamhaireacht agus an mí-scruball i gcomhnaí. Is fada ar an saol mé agus níl aon-lá ó tháinig cuimhne dhom nach h-amhla a fheicim é. Chuala tú an scéal faoin bhfear a chonnaic fear eile ag marú duine agus dhá chur ingan fhios. Mhionnuigh sé agus mhóidigh sé mara bhfoillsíodh Dia é, nach mbeadh aon-áird aige fhéin ar Dia níos mó. D'fhan mar sin. Chonnaic sé go raibh an saol ag féithiú leis an té a rinne an marú … Sin é an chaoi a raibh sé. Bhí fear eile marbh cheana ag an té a maruíodh. Nach maith gur fhoillsigh Dia an choir sin! /

Fuaidreamh (: fūəd ʼr ʼə): Ainm-Bhriathar; Ainmfhocal = seachrán; fán, mearúl, ciméar; dul amú, ar strae (le "ar" go hiondúil, ach scaití le "ag")

Shílfeá gur fear é atá imithe ar fuaidre(amh) an deis atá air = shílfeá gur fear é a mbeadh fán air ón mbaile, nó imithe indiaidh a chinn roimhe ón mbaile /[Tá mé ag imeacht ar fuaidreamh soir annsin ar feadh an lae, agus ní raibh mé san mbaile ag dinnéar ná ceó. Caithfidh an dícéille féin a bheith ann, arsa tusa / Cén fuaidreamh atá ort ag imeacht go fánach mar sin. Is beag a bhéas de bharr do shaoil agad má lonnuíonn tú sna bólaí seo. Níl pínn dhá saothróidh tú nach gcaithfidh tú aríst. Breá nach dteigheann tú abhaile má tá aon-bhaile agad? / Sílim gur asal leatsa a chonnaic mé ag fuaidreamh síos annsin ó mhaidin]/ Sin anam bocht eicínt a bhí ar fuaidreamh ar fud an tsaoil ag cur a phiorfhiachaí dhó (dhe) / Cé leis an t-asal fuaidreamh sin atá ar fud an bhaile ó mhaidin = asal a bheadh ar fuaidreamh nó ar strae / Is geall le caora sheachráin nó le réithe fuaidreamh é. Tá sé de gheis air gan an dárna béilí a ithe ar aon-bhord, ná an darna hoíche a chodladh ar aon-leabaidh, ach ag imeacht indiaidh a chinn roimhe mar sin. / Ní fhaca tú aon-bheitheach fuaidreamh timpeall san ruta seo le dhá lá? Dheamhan a fhios agam ó Neamh na Néal, cá dtug siad a n-aghaidh /

Fudarnéis: Ainmfhocal: Buineann = cíor-thuaifeall; fiola; ballséire, ballodhair; áit, rud, duine a chur thrín a chéile nó a fhágáil tromach tramach [Focal Achréidh].

Dhein sé fudarnéis den áit len a shean-mhótar. D'iagóir Dé dhó nar fhága é san áit a raibh sé! Tá íosbairt déanta ar chearca aige ar chaoi ar bith / Marach gur casadh isteach thusa chugainn ní bheith an fhudarnéis seo san teach. Don riabhach dhuit nach áit eicínt eile a thug ort fhéin. Tá an breathas ort i gcomhnaí /[Thainig an bullán mór sin aige isteach an bhearna chugam trathnóna agus thoisigh sé ag bualadh na mbeitheach orm. Dheamhan a leithide d'fhudarnéis a chonnaic tú ó chuaigh tú in ord Mhuire agus a bhí ionn. Shíl mé nach bhféadfainn a chur amach chor ar bith]/ Tá fudarnéis ar fud an bhaile seo ó tionnscluíodh an pósadh céanna. Má siad na putaigh fhéin iad, níl siad leath-shásta a dhul chuig an scoil ach ag caint air, agus ag ceapadh go mbeidh oíche mhór aca. / [Tá fudarnéis déanta aca de na daoine len a gcuid páipéir. Cén ghnotha atá ugainne dá gcuid páipéir? Má theastaíonn siad cho géar sin uatha, brea nach dtagann fear uatha fhéin timpeall agus a líonadh?]/ Tá fudarnéis orm. Níl a fhios agam céard atá mé a dhéanamh /

Fallaing (: faʟəɴʹ): Ainmfhocal; Buineann; Uimhir Iolraidh: fallaingeachaí
Fallaing: píosa mór éadach olla ar dhéanamh pluide, le deasú timpeall na colainne taobh amuigh i leabaidh seál nó cóta mór nó clóca. Ar mhná a bhídís ag dul chun an Aifrinn, chun an tsiopa etc. Is beag ceann aca atá le feiceál anois, cé go raibh siad tréan go leór chúig bhliana fichead ó shoin, nó achar níos lú ná sin. Dhaití dubh na fallaingeacha le dúch nó ruaim. Baill an-teólaí a bhí ionta, ach heiríodh as a gcaitheamh ar fad.

Dar m'fhallaing tá an t-ádh ort = dar príosta tá an t-ádh ort / Dar m'fhallaing muise mar a dteaga sé, beidh scéal aige air / 'm'fhallaing duit gurb shin é an t-airgead a fuair mé gan cianóg chuige ná uaidh /

Feithideach (: fɛ̄ hidʹəx: fʹɛ̄dʹəx): Ainmfhocal: Fireann: Uimhir Iolraidh: feithidí; feithideachaí
Feithideach: breac, péist, nó míol míofar colúil aisteach; duinín suarach; éitreórach, dona.

Cén sórt feithideach é sin fút san bpoll? Nach hiomdha feithideach san bhfarraige

fhéin! / Is gránna go deó an feithideach í péist an dá shúil dhéag! An bhfaca tú ariamh í? / Mharuigh muide breac eicínt annsin thíos an bhliain cheana. Ba ghradha feithideach é. Bhí sé an-chosúil le ceann cruacháin ach ní ceann cruacháin a bhí ann /[Chuaigh an feithideach is aistí dhár leag mé súil ariamh air isteach faoi bhruach in íochtar Gharraí an Chladaigh an lá faoi dheireadh. Péist a bhí ann agus feirí siar uiliog air. Bhí sé fad crobh na láimhe. Thíos leis an ngaineamh ruadh a thaithíos sé, pérbith cén sórt feithideach é / Sén feithideach is caillte é a chruthaigh Dia = dreóláinín dona; éagbhás; bás ar sliobarna; péisteánach nachar mhian leis scaradh le pínn ar bith airgid / Níorbh fhiú d'aonduine a dhul ag fiachadh ar an bhfeithideach bocht sin. Níl ann ach na cheithre eite. Is beag le go bhfuil sé indiaidh a chéile chor ar bith]/ M'anam gur cinniúint uirre siúd é, má leigean sí tada leat. Níl a fhios agam cé leis a ndeachaidh sí chor ar bith. Sí an feithideach is tútaí í a rug ar scilling ariamh / Ní leigfeadh aonduine beó an feithideach sin amach san ngarraí agus gan a fhios aige nach hé a chailleadh a dhéanfaí ar an iomaire /

Fínicín: Finicín: Ainmfhocal Buineann
Sliogán Fínicín = cineál sliogán faochan a fháitear scaití san mbruth faoi thír. Is annamh a d'fheicfeá iad. Ní cuid den chnuasach cladaigh iad, ach go dteagann siad i dtír san ngeimhreadh nó san earrach. Tá dhá shliogán ar an bhfinicín, agus iad ag breith treasna ar a chéile, agus siunta ag dul isteach eatorra go dtí an áit a mbíonn an fhaocha fhinicín. Tá siad ar na sliogáin is lú a d'fheicfeá san gcladach. Níl thar mhéid mearóige ionta, agus iad ar dhéanamh iliop-
-sa (ellipse): caol fada agus roint boillsceanta in a dtaobh. Sliogáin ghreadhnacha iad. Ní bhíonn sliogán ar bith san gcladach a sháródh iad ar áilleacht datha. Is cosúil gurb amach ar an domhainn a shíolraíos siad /

Feart: Ainmfhocal (: san nGeiniúnach Iolraidh) = cumhacht, neart, míorúilte (is cosúil)
[Níor chuala mé é ach sna leagain sheasta seo]

A Dhia na bhfeart céard atá tú a dhéanamh? = a Dhia mhóir na nGrásta / A Dhia na bhFeart go dtuga tú fóirínt dúinn agus do chuile créatúr eile a bhfuil an t-anshógh air! / "Is fhearr é sin le Dia na bhFeart, ná a dhul faoi sheacht don Róimh" [as Rann: an dá líne tosaigh dhe: "Foighid in aghaidh gach locht, agus déirce don duine bhocht gan treóir"]
"Fearta Fia: claoitear san (son) … " [tosaíonn an "Mharthainn Phádraig"

mar sin] / Inniu lá Fheil Pádraig: lá Fheile Pádraig na bhFeart / Pádraig a chuir na hollphéiste agus na nathrachaí nimhe as Éirinn. Sé a bhí deas air: Pádraig na bhFeart /[Tá mé eirithe as an tobac inniu, agus ní chaithfidh mé aon-ghráinne arís le cúnamh Dé go dtí lá Fheil Pádraig na bhFeart. Bainfidh mé píopa as an lá sin. Deir siad nach dochar é]/ "Lá Fheil Pádraig na bhFeart a bhaintear as an chloch fhuar!" [Feic "Fionnán"] /

Fothram: Fothramán: Fuaramán: Ainmfhocla; Fireann.
Fothram: torann; toirnéis, gleó, seabhrán, gaoth ag neartú nó a leithide.
Fothramán: Fuaramán: tormán, troimpléasc, torann nó gleó gárha [is mó an "fothramán" agus an "fuaramán" ná an "fothram". Mar a chéile "fothramán" agus "fuaramán"]

Tá fothram gála arís ann. An gcluin tú? Tá sí (: an ghaoth) ag neartú / Ní féidir gurb shin fothram gaoithe san doras iata. Feamainn dearg! Nar ba slán ceóil dhuit anois mar ghaoith! Ní iarrfadh muid aon-fheamainn dearg go ceánn seachtain eile /[D'airigh mé fothram eicínt ar ball, ach ní carr a bhí ann in a dheidh sin / Cén sórt fothram é seo a chloisim? An sceach atá bainte as an mbeárna ag an asal arís? / Ní shin é atá ag teacht. Bheadh fothram ní ba téagaraí aige siúd / Is neámhaí liom an fothram sin le é bheith in a choisméig duine]/ Tá sé in a fhothramán gála = tormán nó torann mór ag an ngála / Cén sórt fothramán é sin a chuala muid ar ball? "Blastannaí" a chuaigh amach ab ea? Ba diabhaltaí an fothramán a rinne sé mara ndeachaidh amach ach ceann / Sin an-fhothramán toirní. Deánfaidh sí oíche ghárha mara bhfuil ag Dia / Rinne an t-urchar sin an-fhothramán. Shíl me gur mé fhéin a bhí buailte! /[Is diabhaltaí an fothramán atá ag an abhainn anocht. Báisteach! = fuaim /[Ná bac le uair bhreá cho uain agus a bhéas an fothramán céatach seo ag cladaigh! / Ba diabhlaí an fothramán a rinne an sean-teach ag tuitim. Shílfeá gurb iad dhá chlár an domhain a bhuailfí faoi chéile]/ Tá fuaramáin fharraige ann inniu = tonntrachaí nó maoimeannaí mórá, agus an-torann aca ag briseadh in éadan an chladaigh / Ní fhaca mé fuaramán cho mór ariamh leis an tonn sin a tháinig ar an gcarraig anois / 'Ar ndú ní ag brath ar a dhul amach san bhfothramán farraige sin a bheitheá? Níl aon-churrach déanta atá indon a mharaíocht. Cén chruadhóg amach atá ort, nó go dtige an aimsir sin in araíocht? /

Fí; Feáin: Feánnach: Féinn: Feánóg: Feánac

Feáin: Fí: [sa dá leagan seo síos]

Ní raibh fí ná feáin ar Sheán nó go dteighinn in éindigh leis = bhí sé ag strócadh le mo thabhairt leis; ní ghlacfadh sé aon-leiscéal uaim gan a dhul leis; ní shásódh tada é mara dteighinn leis [an aimsir chaite a bhíos leis an "fí ná feáin" go hiondúil] /[Ní raibh fí ná feáin ar Mh. J. go dteigheadh muid suas agus go dtóigeadh muid an fuisce. Chonnaic sé dhá chur i bhfalach iad. Ba bheag an scruball a bhí aige a ghoid uatha]/ Ní raibh fíth ná feáin air mara dteigheadh sé ar an bportach ag tógáil mhóna ar maidin. Diabhal aithne air nach tirm a bhí sí! "Dhá mba triomach go Nollaig é anois", adeirimse "dheamhan fód den tsraith siúd a bheadh le dhul i gcruach". Síleann sé má theagann anna mar sin go dtriomódh sí ar an bpuinnte. Tá sí réidh leis go haithbhliain muise /[Níl fí ná feáin air ó mhaidin ach ag dul Gaillimh bog te más fíor dó fhéin. Sé an chloch is faide siar ar a pháidrín é muis! Ní chorródh fear agus píce as an gclúid siúd anois é. Tá a cuid Gaillimh ar iarraidh / Ní bheadh fí ná feáin air mara bhfádh sé an ágóidín sin le pósadh, agus nuair a fuair ba bheag an suaimneas a rinne sé léithi. Nar réití Samhain ná Bealtaine eatorra muis!]/ Ní raibh fí ná feáin air go bhfádh sé a dhul ar an Achréidh i mbliana. Ach is cosúil nar thaithnigh leis! Dhá mhéad scímhle a bhí ag dul soir air, bhí a dhá oiread sin ag teacht anoir arís air. Leabharsa dhuit ní hé an chéad duine arís é a bhfeicfidh tú a láighe ar a ghualainn aige ag dul ar an Achréidh! // "Má chliseann bun feáin agus tóin Mhac Dabhach" = an drioball (fc. dorchaigh: dorchú) // Rinne sé é sin muise cho siúráilte agus atá an feáin(?) ar an móin = is cinnte go ndearna sé é sin / Níor leag mise barr mo láimhe air. Tá sé sin cho siúráilte agus atá an feáin ar an móin / Beidh sé isteach agad anois gan mórán achair idir chlár agus chuinneóg.

Tá sin cho siúráilte agus atá an feáin ar an móin. Níor fhága sé an baile seo ariamh gan a theacht ar cuairt annseo / Sé a rinne é. Níl aon-mhaith dhuit a pháirt a thógáil. Ní hé a mhalrait a rinne é, cho siúráilte agus atá an feáin ar an móin /

Feáin: Féinn: [Ainmfhocal: Buineann: geiniúnach uathaidh: feána: feáine, féinne]: méitheal; dioscán: cnuasach: plód: bailiú: líon: uimhir; ar a bhfuaid.

Níl "stripe" ar an bhfeáin aca is measa ná mo "stripe-sa". Is gearr go mbeidh a bhfuil de phortaigh inte ídithe. Deich mbliana eile ar a mhéid agus deir tusa in a dhiaidh gur roinneadh an sliabh seo díreach! = ar an méid, nó an uimhir stripeannaí atá ann. Deirtear "féinn" freisin go háirid más daoine atá i gceist / Níl aon-fhear ar an bhfeáin aca is droch-mhúinte ná Pádraig dhá dteighthí san gceann sin leis. Tá nimh craite air sin. Níor mhaith dhuit ruibh oilc a fheiceál air. Teagann cúr len a bhéal / Tá 'chuile fhata ar an bhfeáin aca lofa. Bhí a fhios agam sin. An chéad-bhéilí céad-fhómhair a bhain mé i mbliana, d'aithin mé go raibh siad roighnithe. Is beag an dochar dóibh ar scáth a bhfuair siad de thriomach /[Thairg sé a fear ar bith dhá raibh ann a "thraíáil". Ach diabhal thiomanta duine ar an bhféinn aca a ghabhfadh leis in a dhiaidh sin. Nach deacair dhuitse a rá anois nachar dhona na sbogáin fhir iad sin! / Níl mac ar an bhféinn aige a bhainfinn as margadh. Cuid den mhuic an drioball. Tá an braoinín salach ionta fré na chéile]/ Tá chúig tithe déag istigh ar an mbaile, agus níl teach ar an bhfeáin aca a d'íoc aon-"phoor rate" fós. Is ar a chruachúis dóibh an baile uilig a chaitheamh amach. Ba cheart a íoc mar sin féin / Runnachaí ar fad a bhí san eangach. 'Chuile bhreac ar an bhfeáin aca. Diabhal mé go sílim go raibh trí chéad aige. Ba bhreá an dola éisc é /[Sé T. an té is measa liom ar an bhfeáin aca. Sé agus dhá mbeadh an oiread eile ann. Tá an croí mór aige. Dheamhan fear ariamh a rug ar scilling is lú scruball inte ná é]/ Níl garraí ar an bhfeáin agam nach bhfuil foirghe mar sin. Dheamhan uabhar i dtada ar chuma ar

bith, ach i ngiosadáin. Níl ann ach an uair a bhíodh
feamainn ghaineamh ag dul idir stucaí go mbíodh an talamh salach.
M'anam gur sailighe go fada anois é tharéis nach bhfágtar
gionnóid shalachair ann /

Feánach: Ainmfhocal: fireann: Geiniúnach Uathaidh: feána.
Feánach = méitheal; scata; fuireann; pael; canna; ancord;
bleánach: taoscán; foracún; ualach; bord: mallach; ualach mór.
[Tugtar in áiteachaí — Leitir Mealláin agus aniar go Cois Fharraige
— feánach ar ualach móna nó feamainne nó a leithide a bheadh ar
asal "srathraithe". Ach thiúrfaí i gCois Fharraige é ar ualach mór
a bheadh i rud ar bith — i leoraí, i gcairt etc.]
Feánóg: cliabh rotháin nó cléitheog an chliabh rotháin freisin.
Tugtar "feánach" agus "feánnac" cho maith céanna air.

Chuaigh feánach lucht portaigh soir san leoraí ar ball. Shíl mé
nach mbeadh aon-obair aca inniu agus saoire ar an lá. Ach
chreidim nach miste leo sin céard a dhéanfas saoire ná
sollúna /[Sin feánach atá ag dul chuig an damhsa atá
ag an sagart. Ar chuala tú céard adúirt S. an Gh. faoi?
"Is gradha an saol é! Is gradha muis", adeir sé. "Cuimnímse
fhéin — agus ní hé an fhad sin ar an saol mé — go mbíodh
sagairt ag sciolladh agus ag scóladh den altóir ar dhuine ar
bith a ghabhfadh amach ag damhsa, de shiúl oíche. Anois tá siad
dhá bhfuagairt ón altóir, agus ag maoidheachtáil leo
a dhul ann, agus mara dteighe, dar fia is cam a bhreathnós
siad orra lár na mháireach má chastar leo i mbóthar ná
i mbealach iad! Is gradha an saol e! Is gradha sin!]/ An raibh
feánach mór san tráigh inniu? … D'eireódh dhóibh. Ba é an
lá é. Bhí tráigh lom bhuan ann. / Chíotar dhom go bhfuil
feánach mór san ngarraí aige inniu ag baint fhataí
marab iad na cliamhaineachaí atá ann / Thug sé feánach
eanra dhom, agus deirimse leat gur ól mise go súite í.
Ní raibh an oiread dúil i mo bhéilí agam ariamh roimhe. =
pael / Chonnaic mé ag dul Gaillimh í an lá faoi dheireadh

agus feánach bainne aice i gcarr asail = ancord nó coire /
Thug sé feánach dom agus taoscán fuisce ann. Sin í clár na
fírinne dhuit! "Ara céard tá annseo", adeirimse. "Níl aon-
ghloine agam", adeir sé. "Ól foracún agus nuair a bhéas
do sháith agad sín agamsa é" / Tá feánach diabhalta
ólta aige inniu. Is bocht nach mbeadh agus é in a éadan
ó uair an darna hAifreann. Bánóidh sé é fhéin leis. Níl sé
ag tógáil ceann ar bith anois as = taoscán; bleánach;
scallach maith /[Cuireann sí feánach leamhnacht 'ar chuid
na muc 'chuile lá. Is beag an dochar dóibh éifeacht féin a
bheith ionta. Go bhfoire Dia ar na muca nach bhfánn ach an
fata tor! Is deacair dóibh aon-rath a bheith orra / Ólfaidh
mé feánach tae anois sílim. Beidh mé indon an
oíche a mharaíocht annsin! / Ní fhéadfá gan dógh bhoilg a bheith
ort agus an feánach fuisce a d'ól tú inné. / Tabhair anuas
feánach uisce agam. Tá íota orm indiaidh an éisc sin. Dá
mbeinn d'uireasa annlainn le mo ló, ní íosfaidh mé aríst
cho goirt sin é]/ Thug an leoraí feánach diabhalta
móna leis. Chuir sé trí fhód de mhaolóig suas. M'anam narbh
fhuláir dó sé phunt deich a thabhairt ar an leoraí úd: gur ag
fear an leoraí a bhí an bhantáiste in a dhiaidh sin / Bhí feánach
mór "meaingiols" san gcarr ag teacht aniar aige, hébrí cá
bhfuair sé iad. Tá "meaingiols" sna bólaí sin siar chreidim.
Ní bhíonn siad dhá bhfuireasa aon-uair / Is diabhlaí an feánach
feamainne a chuir sé ar an gcapall. Ach is beag an tolgán
a bhí aice siúd ann, mo léan. An-chapall í, bail ó Dhia uirri! /
Teirigh i gcoinne feanach móna ar an asal = ualach srathrach
agus cléibh / Níl san scaipiúch fheamainne siúd ach feánach
eile den asal. Shíl mé nach mbeadh sin fhéin inte = bord,
mallach / Thiúrfadh chúig feánaí eile ídiú maith ar an dúchán.
Ba mhaith a sheas sé. Shíl mé nach raibh a leath-oiread sin ann /
Ag líonadh feánach móna ar an asal a bhí mé nuair a bhuail
sé chugam aníos. "Tá 'fire' agus gríosach dhá dhéanamh ar mo
chuid móna-sa", adeir sé. "Dheamhan fód dhá fhágáil agam. Beidh a

shliocht orra muis. Gabhfaidh mise ag faire, agus an té a mbéarfaidh mé istigh air i mbéal na cruaiche, sin ní fhágfaidh sé". / Ní raibh de bharr na trágha inniu againn ach cheithre fheánach capaill. Meas tusa nar dhona an fátall é sin ag triúr! / Feánógaí atá aige ag tarraint an aoiligh siar ar an ngarraí údan = cléibh rotháin / Nuair a scaoil mé an feánach (feánóg; feánac; cléitheog) tháinig leatroma san ualach agus chuaigh an tsrathair agus a raibh ann anuas druim ar ais. B'fhada go dtáinig mé isteach ar an bpéire a scaoileadh in éindigh /[Mara dtapaí tú na feánógaí, ionntóidh an t-ualach ort. Bí ar t-áirdeall fhéin. Tá an cineál sin cléibh an-chleasach]/ Níl aon-chleachta agadsa ar na feánachaí seo. Siad a bhíos againne ar fad. Ní fhóinfeadh aon-chléibh eile dhuinn ach iad, ag tarraint ualaigh annseo. / Ceann feáin fc. ceann /.

Físeachaí: Ainmfhocal san Uimhir Iolraidh amháin

Tiúrfaidh mé faoi na físeachaí dhuit é = tiúrfaidh mé faoi na foraí dhuit é; gheobhaidh tú garbh é; tiúrfaidh mé trom téagarach dhuit é [is cosúil gur cuid eicínt den cholainn "na físeachaí" san gcás seo] / Bhí dúil aige a thabhairt faoi na físeachaí do Sheán, marach gur chosnaíodh air é. Tuilleadh diabhail ag Seán. Sé a bhí sé a thuaradh dhó fhéin! /[Tiúrfaidh sé siúd faoi na físeachaí dhuit é má fheiceann sé an féar talltaithe. Mar sin fan amach as.]/ Fuair sé na físeachaí (agus na pínneachaí corra) = an méid a thuill sé agus tuilleadh len a chois = an teanga; sciolladh; lascadh; greadadh buailte; cáineadh; hinnsíodh dó cé hé féin agus rl. / Fuair sé na físeachaí faoin méid adúirt sé. Dheamhan leath cheart a bhí leis. Ní mise a bhí in a dhiaidh air, ar chaoi ar bith. Tá a dhá dhíol fad ar a theanga ag an gceann céanna]/ Gheobhaidh tú na físeachaí agus na pínneachaí corra má chloiseann t'athair thú ar an gcaint sin. Feicfidh tú fhéin air go dtiúrfaidh sé siúd luach do chuid gráiscínteacht duit /

Ná raibh Dia leis anois mara bhfuil na físeachaí agus na pínneachaí corra aige de bharr a aistir! A theacht aniar annseo ag ropair-eacht ingeall ar uan a dhul thar claidhe air! Agus a chuid beithioch féin i bhfoghail orainne 'chuile ré solais! / Ná cuir araoid ar bith air sin. Sin é úll na haithne. Dar príosta má chuirinns (má chuireann tú) ní leat a ghabhfas. Tá marú duine air sin. Tiúrfaidh sé na físeachaí agus an pínneachaí corra dhuit feicfidh tú fhéin air.]/ Chuir an dreolláinín beag sin ag T. Ph. coc achrainn ar Sh. L., ach má chuir agus gur chuir, thug S. L. na físeachaí agus na pínneachaí corra dhó. Bhí sé an-bhuailte ag dul abhaile. Nach sonnda an staicín anois é, a dhul ag dréim le "bullies"! / Is fhearr dhuit bleid nathaíocht a bhualadh ar dhuine eicínt eile ná ar T. Mh. Ní bheidh tada dhá bharr sin agad, ach na físeachaí agus an pínneachaí corra ag imeacht duit. Síleann tú go bhfuil deá-chaint agad! Is beag an ghoir atá agad air siúd /.

Fortabháil: ainmbhriathar; ainm-fhocal buineann = tuilleamaí; i gclé; i gcleithiúnas; ag forcamhás [mortabháil ó cheart b'fhéidir]

Bhí mé thíos ar an móin i gCill Dara anuiridh. Chonnaic mé feilméara annsin agus go leor talúna aige. Bhí deich bhfeara fichead ag obair aige agus iad ag codladh i "dtentannaí". Déarfá go raibh cuid maith ag fortabháil air = in a thuilleamaí; go raibh go leor ar a aire; go raibh cuid mhaith aige le freastal dó; go raibh a sáith idir a lámha aige /[Níl mórán ag fortabháil air, arae níl sac ná mac ná muirín aige, agus dhá mbeadh, sin iad a bheadh ar anshógh! / Nach mór a bhíos ag fortabháil ar mháistir scoile fhéin. Bíonn clann mhór aige! Is deacair dó iad ar fad a chur ar a leas!]/ Nach shin é a bhfuil d'fhortabháil ort aríst i mbliana: na cupla gitín fataí sin a bhaint? Feacha mise nach bhfuil sop raithní bainte agam fós, agus tá seachtain ar an bportach orm freisin! / Níl d'fhortabháil ortsa ach thú fhéin agus is cuma dhuit cén t-am as seo go maidin a dtiocfaidh tú abhaile, ach tá cúram capaill ormsa, agus ach an

oiread le scéal, dheamhan gráinne coirce a thug mé di fós inniu / Is deacair dó freastal do chuile rud agus a bhfuil ag fortabháil air. Ní teallach atá sé a thógáil ach dhá theallach. 'Ar ndó' ní bheadh clann na deirfíre beó chor ar bith dhá uireasa / M'anam nach beag dom a bhfuil ag fortabháil orm cheana agus gan tusa a dhul ag cur tuilleadh orm. Cén chaoi a bhféadfainnse a bheith san áirdeall ar do chuid beithioch. Tá mo chuid fhéin ag déanamh cír tuaifill díom. Má ba leat féarach a cheannacht, bhí agad é a fháil in aice láthair: sin nó leigean dó ar fad. Bheadh bó trí lá báite nó bascha annsin thuas shul má gheobhfaí í / Tá cead scuir agam anois. Níl tada ag fortabháil orm. Sách fada a bhí buairín orm. Beidh a shliocht orm anois: báinfidh mé ceól as an saol go ceann scathamh. /

Freagra: ainmfhocal: fireann: uimhir iolraidh: freagraí: freagraíochaí
Freagrach: aidiacht as freagra.
Freagairt: freagraím etc: briathar as freagra.
Freagairt: aisráite ó dhuine go duine; ag feiliúint do; ag nochtadh; ag teacht leis; ag gobadh; aireachtáil; priocadh; agairt.
Freagraíocht nó freagraíocht treasna = aisfhreagraí; aischaint; caint abarha; a bheith abaithe leis an bhfocal; deá-chaint.
fáir = le "freagra" .i. "fáir ná freagra"

Is deas an freagra é sin le tabhairt ar dhuine ar bith / Go deimhin agus go dearfa thug sé freagra slachtar orm! / Ní bhfuair mé aon-fhreagra ar mo leitir ó shoin / Nach maith uait aisfreagra a thabhairt do dhuine! Bhí rud le déanamh leat! / Leig de do chuid aisfhreagraí anois nó tiúrfaidh mise luach do chuid aisfhreagraí dhuit / Thug mise a dhíol de fhreagra air. Ní hé an chéad-duine aríst é a chuirfeas mí-aighneas ormsa / Eirigí as an bhfreagraíocht treasna seo. Is mór an náire sib = beirt ag breith brabach ar a chéile i gcaint agus iad greamannach le chéile; nó na cineál freagraí a thiúrfadh sean-pháiste mí-mhúinte ort / Sin í a bhfuil an fhreagraíocht treasna aice! Go deimhin is maith an t-ábhar í dhá haois! /[Freagraíocht treasna

a bhí ann i gcaitheamh na hoíche ag an mbeirt. Go deimhin níl roghain na díogha le bhaint as an gcúpla céanna. An faobhar céanna aca ar 'chaon duine aca]/ Shanntaigh mé é a fhreagairt faoin rud adúirt sé ach thug mé cead a chinn dó in a dhiaidh sin / Ghlaoidh mé air ach ní bhfuair mé fáir ná freagra = freagra ar bith = freagra ar bith [baintear leas as "fáir" mar seo le "freagra" /[Dhá mbeinn ag fuagairt go maidin air ní thiúrfadh sé fáir ná freagra orm. Leig sé air fhéin nar chuala sé beag ná mór mé. Mo léan géar sé a chuala! / Scríobhadh aige (: chuige) tá mí ó shoin, ach níor fríothadh fáir ná freagra uaidh ó shoin. Marach gur anshógh eicínt atá air scríobhfadh sé feasta. Ní raibh an oiread seo moille ariamh air / Nach shin í an cuaille agad! Dhá gcaithinn mo theanga léithi dheamhan fáir ná freagra a thiúrfadh sí orm. Neart staiciúlacht agus droch-mhúineadh. Is gearr nach mbeidh seasamh ar bith léithi / Séard atá a dhéanamh leis sin gan fáir ná freagra a thabhairt air ach cead a bheith aige ropadh leis. Nuair a bhéas sé tuirseach, eireóidh sé as uaidh fhéin. Má fhreagraíonn tú é, ní bheidh tú ach ag borradh leis]/ Más é a rinne é sin is mór atá le freagairt aige (: ach a dteighe sé i láthair Dé) / Hébrí cé a chuir suas leis an ngasúr an rud sin a rá is mór a bhéas le freagairt aige / Tá a dhóthain le freagairt ag chuile dhuine agus freagairt ar a shon fhéin (.i. i láthair Dé) gan bacadh le duine ar bith eile / Má rinne sé dícheannadh mar sin is mór atá le freagairt aige, go bhfoire Dia air! / Den sonas (den tsonas) an achainí ach den donas a bheith dhá freagairt = sean-fhocal: níonn an achainí nó an t-iarratas maith go hiondúil don té atá in a tuilleamaí, ach ní chuireann sí aon-cheo ann don duine a thiúrfas toradh uirri / Iarr leat a mhic ó! Tuige nach n-iarrfá! Is féar tirm duit fhéin sin. Den tsonas an achainí, adeir siad, ach den donas

a bheith dhá freagairt. Sé an scéal is measa nach bhfuil mé indon a freagairt sílim / Bíonn siad — na J.annaí — ag iarratas i gcomhnaí! Ba shin é a gceird ariamh fhéin. Nuair a bhí mise ar an mbaile sin, bhíodh muid sáraithe aca: gráinnín salainn, braon bláthaí, ioscaidín tae, uibhín chirce … M'anam gurb é atá ag féithiú leo muis. Den sonas a achainí, adeir siad, ach den donas a bheith dhá freagairt. /[Ach meastú cén chaoi a maireann a bhfuil ag iarraidh a gcodach i nGaillimh chor ar bith? Tá an baile mór foirghe anois. Foirghe ceart. Ní ghabhfá dhá choisméig nach mbeadh duine ag dilleóireacht ort. Agus iad cho spleách cho hanshóiteach! Sea agus cuid aca beathaithe bláfar! 'Ar ndó is den tsonas an achainí, ach den donas a bheith dhá freagairt. M'anam an té a thiúrfadh áird orra siúd, gur ghearr gurb é mála na déirce a bheadh air fhéin!]/ Rinne sé fhéin an éagóir agus d'fhreagair Dia air é = d'ágraigh Dia air é (deirtear an dá rud) / Freagróidh Dia ort rud den tsórt sin a rá / Marach go ndearna siad fhéin íosbairt agus créatúlacht, ní fhreagródh Dia orra anois é. Ní ritheann le duine ach tamall /[Rinne siad leath-chuma ar an dá shean-díriúch a bhí annsin agus feacha fhéin gur fhreagair Dia orra é dhá fhada dhá ndeachaidh sé. Tá muilte Dé mall, adeir siad, ach mileann siad go mín]/ Ní leigfeadh an faitíos dom cleas den tsórt sin a dhéanamh, faitíos go bhfreagródh Dia orm é. Ba bheag a shúil le Dia a bheadh ag duine ar bith a chuimhneódh ar a leithide de rud a dhéanamh — ba beag sin / Cáil an bhróig atá ag freagairt di seo? = a leath-cheann nó a leath-bhróig eile? /[Dhá bhféadainn leath-bhróig eile a fháil anois a d'fhreagródh di sin, bheadh liom. Dheamhan poll ná puirín uirri sin. Meastú nach ndéanfadh gréasaí leath-bhróig dom?]/ An bhfuil aon-chlaibín eile annsin. Ní shin é an claibín atá ag freagairt (atá freagrach) don bhosca seo / Ní fhreagraíonn an hata sin do mo chloigeann beag ná mór. Ghabhfadh dhá chloigeann mar mo cheann-sa ann /

Níl freagairt ar bith ann inniu. Tá an lá ro-gheal = níl aireachtáil nó priocadh ar bith ann (ag iascach) / Bhí sé cho maith dom a bheith caite amach i bpoll an tslugaide annsin amuigh, ar scáth a bhfuair mé de fhreagairt. Dheamhan a shúil. Tháinig mac siúáin faoi dheireadh. Dúirt mé liom féin annsin go raibh sé in am a bheith ag glionndáil as / Shílfeá go bhfuair tú freagairt. Coinnigh leis é. Má d'airigh sé blasta é (.i. baoite) tiocfaidh sé aríst / Bhí mé ar bhráite mhaith, dar liom fhéin, agus diabhal freagairt in a dhiaidh sin. Sílim nach bhfuil sé sonaí an C. sin a thabhairt leat in a fhear fabhairne chor ar bith. Thug mé faoi deara chuile lá dhá mbíonn sé in éindigh liom, go mbíonn geis eicínt ar an iasc, go n-aithníonn siad ag teacht é / Is olc an rud a bheith ag iascach ar pholl gan freagairt = sean-fhocal: má bhíonn duine ag caitheamh dúracht le saothar ar bith nach mbíonn aon-bhalachtáil air, ná nach bhfánn sé aon-ugach uaidh, b'fhearr dó leigean dó / Tá sé ag líochán an chasáin in a diaidh sin leis an fhad seo aimsire, agus gan d'áird aice sin air ach an oiread agus dhá mba madadh é. An leadhb! Breá nach leigeann sé di fhéineacht, nuair nach bhfuil sí ag tabhairt aon-ugach dó. Is olc an rud a bheith ag iascach ar pholl gan freagairt / Cáid ag dul chuig an gcoláiste sin anois é? … Seacht nó hocht de bhlianta. Agus gan aon-chosúlacht air críoch ar bith a bheith air fós! Eiríodh sé as agus iarradh sé an "dole". Ba é ba samhaoiní dhó. Is olc an rud a bheith ag iascach ar pholl gan freagairt. / Chaith mé an lá ag tuineadh leis ag iarraidh é a thabhairt ann, ach ní abródh sé drúcht ná báisteach. Teirigh tusa in a éadan anois má thograíonn tú, ach mo chomhairle duit leigean dó ar fad. Is bocht an rud a bheith ag iascach ar pholl gan freagairt / Tá cloch an Mhioscáin le feiceál ag freagairt anois. Sin tús trágha = tá barr na cloiche seo — Cloch an Mhioscáin — ag nochtadh as an bhfarraige, mar tá sé ag trághadh / Is beag nach bhfuair mé na seacht mbáis san gcurach nuair

a chonnaic mé an mulán ag freagairt róm, agus an
churach ag dul caol díreach uirri. / Feicthear domsa go bhfuil
rud eicínt ag freagairt amach annsin ón gclochairín. Níl
aon-mhulán annsin? An bhfeiceann tú anois é. Is geall le
bairille é. Fuisce! Rum b'fhéidir! / Tá stoiricín ag freagairt
amuigh i lár na locha, agus choinnigh sé greim uirri sin
nó gur tháinig cúnamh a thug isteach é / Ní ghabhfá fód na
láighe san talamh sin nuair a gheobhfá an leic ag freagairt
aníos. Áit mhaoilscreamhach mar sin é / Déan go réidh siar
annsin. Is fánach an chaoi a dtreascróchaí thú i bhfad uainn
an anachain. Áit acrannach é. Tá go leór sean-bhunannaí
crainnte ag freagairt ann /[Níor bhain mé ach barr
móna i gceann thíos an phortaigh agus bhí an t-uisce ag
freagairt ann ar an bpuinte.]/ Níor tháinig sé abhaile ariamh
fhéin gan an buidéal a bheith ag freagairt in a phóca. An
bhfeiceann tú é? / Céard a thug an roiseadh sin do "tyre"
do bhicycle? Tá an "tube" ag freagairt ann. Ná fág
ball na háite nó go gcuire tú deis eicínt air. Mara
gcuire fágfaidh sé ar an mbóthar thú /[Is bocht an lot
atá ar a chois. Tá an cnáimh ag freagairt ann.]/ Tháinig
F. aréir le leoraí móna a cheannacht uaidh ach dheamhan
leoraí freagrach aige. Níl ann ach a bhfuil istigh ar an
bportach = feiliúnach; in áit chóiriúil; í a bheith
so-laimsithe /
Ní bheidh an tráigh freagrach amáireach. Beidh sí ann ro-
mhoch /[Tá an bus breá freagrach daoibhse, ach feacha muide
a chaithfeas a dhul sé mhíle bealaigh d'aistear ar gcos
le dhul cho fada leis / Gabhfaidh mé ag leagan bruachannaí
san ngarraí seo thiar go ham dínnéir. Sé is freagraí
dhom ó a bhéas orm aistear portaigh a dhéanamh in
a dhiaidh sin]/ Ní bheadh aon-mhála freagrach agad. Tá
meaisín bhuailte an choirce le theacht inniu / Airíonn sé freagairt
eicínt san bpoll siúd thoir agus cho taithithe agus atá sé ann le
mí = fear ag suirí le cailín ag áit áirid /

Fearasbár: earasbár: tharasbár (: earr agus bárr?): Ainm-
fhocal: Fireann: deirtear na trí cinn, agus tá gach aon-cheann
aca tréan go leor i gcaint. "Tharasbár": "thearasbár" is tréine
thríd is thríd inGaillimh b'fhéidir. Leis an alt
is minic adeirtear "an t-earasbár", ach "an fearasbar"
freisin agus "an tharasbár".
Fearasbár etc: an fuílleach; a mbeadh le cois; a mbeadh d'fhuílleach;
a mbeadh de mhaith ag rud ar rud eile; tuilleadh; biseach; méid etc.

Nuair a bhéas barr ar an gcruach seo gabhfaidh sé rite leis (: an
móin, féar, arúr etc.) earasbár ar bith a bheith ann = tada (den
fhéar, den mhóin etc.) a bheith d'fhuílleach / Ná bac le fearasbár!
Sílimse gur easbaidh a bhéas ort (: easbaidh síolta) leis
an ngarraí siúd a chríochnú / Ní bheidh earasbár ar bith agad pér
bith céard a dhéanfas tú le easbaidh. Is mór an lear feamainne
nach fuláir don gharraí siúd. Tá sé buan / Caith síos iad. Ní dochar ar
bith neart fataí a chur síos. Is fhearr in a earasbár ná in a
easbaidh iad = bruitear neart fataí le haghaidh an bhéilí, mar is
fhearr cuid a bheith le cois, ná gan ar ndóthain a bheith againn /
[Ní raibh easbaidh ná earasbár agam. Mo dhíol díreach a bhí ann.
Nach baileach a thomhais mé anois cén t-éadach a theastódh uaim! /
Dúirt mé leis an táilliúr dhá mbeadh aon-cheo d'earasbár
aige as ábhar na culaith é fhéin dhá choinneál / Má bhíonn
earasbár slat agad th'éis an tuí a chur d'fheilfeadh glaicín
domsa.]/ Níl an sreangán sin sách fada. Cuir an píosa seo
d'earasbár air (leis) / Is diabhlaí an t-earasbar a bhí agam,
agus gur shíl mé go mba ar a chruachúis dom mo dhícheall
a bheith agam / Bhí ur ndóthain tae agaibh? Shílfeá go raibh
agus roint d'fhearasbár. Tá taoscán san gceaintín seo fós /
Tháinig fearasbar oilc air nuair a chuala sé sin / Tá earasbar
tinneas air inniu = tuilleadh tinnis thar mar a bhí (inné etc.) /
Teagann tharasbár bisigh air chuile lá. Is gearr go mbeidh sé
as le cúnamh Dé / Fearasbar cantail a chuirfeas sé air má
chloiseann sé é sin / Chuir tharasbár daoine cruineacht i

mbliana le hais aon-bhliain eile / Shílfeá gur ar bheithigh fíneáilte a bhí tharasbár "price" inniu / Tá fearasbar meáchain ar an gcapall an geábh seo thar agus mar bhí an t-ualach cheana / Thearasbár cuthach a bhuail é nuair a chonnaic sé fear na foghla ag árdú an chlaidhe / Déarfainnse go bhfuil earasbár leiciméaracht ann thar an athair / Tá sé tonna ann. Tá mo choinsias agus thearasbár = tuilleadh le cois sé thonna / Chuir tusa fearasbár ar an scéal = chuir tú tuilleadh leis; chuir tú agús ann / Ní shin é adúirt mise chor ar bith. An té a d'aistrigh mo chuid cainte (: a d'innis do dhaoine eile í), chuir sé earasbar léithi. Sin é an chaoi igcomhnaí / Sílim nach mar sin a bhí an luaidreán, ach 'ar ndó' mo léan b' uirri siúd nach raibh an mhairg: Fearasbár a chur air / Is beag eile a bheadh d'earasbár nuair a bheadh díol dúcháin eile againn / Leig an méid seo d'earasbár ar an ngiota fleainín / Tá mo dhíol agam agus tharasbár / Fág an cheirt sin d'earasbár ar an snáth nó go bhfeice tú leat. B'fhéid -ir go bhfóinfeadh sí amach annseo /[Níor mhór duit seomra eile a leigean siar d'earasbar as an teach / Ní bheidh fearasbar ar bith sna sé galúin fuisce. Dheamhan fhios agam nach easbúch a bheadh muid fós]/ Deir tú nach bhfuil de dhíol leasaithe agad. M'anam go bhfuil thearasbár tharmsa agad / Sheas an chruach sé leoraí móna agus d'fhan fearasb-ár uaim in a dhiaidh sin inte / Níl earasbár ar bith aige ormsa. Má tá an oiread talúna chor ar bith aige liom / Ní fear an-láidir mar sin é T. Dheamhan a fhios agam a bhfuil earasbar (: nirt) ar bith aige ar J. annseo thiar. Chuirfinn mo rogha geall dhá n-ionnsaíodh sé J. nach mbeadh a dhath le reic aige /[Déarfainnse nach bhfuil earasbár ar bith ag D. ar J. Tá an oiread airgid ag J. leis. Diabhal thiomanta pínn dó nach bhfuil! / Ní raibh earasbár ar bith ag mo chuid muc-sa ar do chuid-se, ach bhí muca tuite nuair a dhíol tusa iad. Marach sin, bhuailfeá amach mé]/ Tá díol a fhreastail (d'airgead) aige, ach

dheamhan farasbar ar bith (: níl pínn d'fharasbár aige) /
Nach beag an t-earasbár a bhí agad nuair a bhain tú do dhíol
fhéin as an síol! / Ní fearasbár breachte a chuireas barr
ar an bpota = ní chuireann breachte súilíní ar phota na
heanra = ní breachte a níos brachán ach min = níl aon-
mhaith i mbean bhreá mara bhfuil spré aice / Pós bean bhreá
agus bíodh sib an chuid eile dhár saol ag scríobadh leis an
nganntan. Ní farasbar breachte a chuireas barr ar an
bpota, adeir siad / Cén mhaith breáchte mara bhfuil rud eicínt
in a haice? Dheamhan a dhath! Ní farasbar breachte a chuireas
bárr ar an bpota. Bíodh sí go breá nó ná bíodh, ach má tá sí
in a gnathach maith agus an téagar a bheith san sparán
aice, déanfaidh sí cúis / Níl tada d'earasbár ag an lá
inniu fhéin = is fhearr é de bheagán ná na laethantaí eile,
ach sé a bhfuil ann é. Níl gaisce ar bith ann / Ní baileach go
bhfuil an tseachtain seo cho dona agus a bhí an tseachtain seo
caite, ach dar mo leabhar níl mórán d'earasbár aice ach
oiread / Tá sé ag baint earasbar amach ar an bplúr anois
le seachtain = tuilleadh thar mar a bhíodh sé a bhaint amach
cheana / Thug sé pínn d'earasbár dom san tsinseáil / An
gcuimhníonn tú ar an lá Nollag a raibh muid ag ól thoir tigh
Ph. Sh.? Tháinig M. P. Th. isteach agus d'ól sé buidéal
pórtair. Chuaigh an láimh síos san mbrollach, agus go deimhin
tháinig sin aníos sparán a raibh ceangal air! D'ionntaigh sé
a chúl linn gur thug sé an t-airgead aníos as, agus gur
chuir sé taisce aríst ar an sparán faoin gcích. An dara
buidéal a d'ól sé, chuaigh sé siar san sáinn siúd ar chúla
an tsiopa leis an sparán a bhaint aníos aríst. Le earasbár
a chur ar an gcuibhiúlacht. Deile? = Chuaigh sé ar cúlráid i
riocht agus go mbeadh cuibhiúlacht ní b'fhearr aige le luach na
dí a fháil / Shíl mé gur ag cur fearasbar ar an gcuibhiúl
-acht a bhí mé le é sin a dhéanamh, ach is cosúil gurb
éard a rinne mé brachán den scéal / Ní leigfeadh sé uaidh mé
gan dhá dheoch a sheasamh dom. Chuir sé earasbar ar an

ngnaoithiúlacht / Agus le fearasbár a chur ar an gcumaoin chuir sé fios amach go dtí teach comharsan eicínt ar a inín, nó go gcasfadh sí ceól duinn = idteannta bídh agus deoch a thabhairt duinn / Agus le fearasbár siúráilteacht a dhéanamh chuir mé glas ar an doras. Diabhal mé gur goideadh iad in a dhiaidh sin! = to make assurance doubly sure / Is caillte an aimsir í, ní ag ceasacht ar Dhia é. 'Chuile lá ag baint earasbár dá chéile = is measa gach lá dhá dteagann ná aon-lá roimhe sin / Níl aon-mhaith dhuitse a bheith ag caint ar sraith. Is measa an aimsir anois ná fadó. Nach bhfeiceann tú chuile bliain dhá bhfuil ag teacht go bhfuil sí ag baint fearasbár dhá chéile / Is diabhlaí deannachtach na ráigeannaí a bhí ann le dhá lá, agus chuile ráig aca ag baint fearas-bár dhá chéile. Sin é anois é. Tá sé in am aice leigean fúithi dhá mba é toil Dé é / Ní bheadh a fhios agad cé is fhearr ná is measa den bhrotuinn sin. Gach uile dhuine aca ag baint fearasbár dhá chéile. Agus 'ar ndó' cár fhága tú an t-athair! / Ná bain roghain ná díogha as an dream sin. Níl ann ach gach uile dhuine aca ag baint earasbár dhá chéile. Nach fíor dhom é? / Níl garraí ag gabhail leis nach ag baint fearasbár donacht dhá chéile atá. Diabhal mé go bhfuil roinn thalúna annsin thiar aige, agus nach mbeadh sé ionrásta agad a siúl, tá sí cho hachrannach sin. Is beag nachar bascadh mé an lá faoi dheireadh inte, agus mé ag briseadh treasna go dtí an bóithrín thiar. / Cho fada agus is léar domsa é, sén chaoi a bhfuil gach dream aca ag baint earasbár donacht dhá chéile. Ab é anois? M'anam go feicthear dhomsa gurb é. Geallfaidh siad ar fad duit, ach sén deá-ghealladh agus an droch-choimhlíonadh é, mar adeir an ceann eile. /

Fiolladóir: Ainm-fhocal: Fireann: creachadóir; rubálaí; cneamh-aire; [b'fhéidir gur h-ionann é ó cheart agus fealladóir, ach ní mara chéile an chiall atá leo anois ar aon-nós].

Sin é an fiolladóir bradach. Ní fhágfadh sé bonn bán ort dhá ngéilltheá dhó. Is maith leis an rith uachtair a bheith aige i gcomhnaí

i leabaidh druim díbearha a chur air as an tír! / Faraor dóite deacrach nach mise a bhí ag éisteacht leis, agus ní imeódh sé uaim cho saor sin. An fiolladóir bradach a bhfuil an tír creachta aige, agus a dhá luach ar chuile mhíle ní istigh in a shiopa, agus déarfadh sé in a dheidh sin gurb é atá ag coinneál leath na ndaoine beó! Nar ba gán measa a bhéas sé! /[In a bhfiolladóirí mar sin a chaith S. Ph. Sh. agus a mhuinntir ag imeacht ariamh. Rud ar bith a gheobhaidís ar sliobarna — agus mara mbeadh sé te nó trom — bhí sé árdaithe leó aca. Is leitheadaí a labhaireóidís ná duine ar fónamh in a dheidh sin]/ Cén sórt scilipéaracht atá ar an bhfiolladóir sin annsin? Ag forcamhás atá sé nó go n-eirí rud eicínt leis a ghoidfeas sé /

Feiste: Fínne: In aon-leagan amháin "ina fheiste ná in a fínne" [Achréidh].

Ní dheacha mé in a fheiste ná in a fhínne ó shoin = níor thaobhaigh mé é; níor bhrúigh mé air; níor chuir mé araoid ar bith air / B'fhearr leis, dar liom fhéin, nach labhaireóinn chor ar bith leis. Tá a shliocht air. Ní dheachaidh mé in a fheiste ná in a fhínne ó shoin. Ná ní ghabhfadh ach oiread /[Fág mur sin é. Ná teirigh in a fheiste ná in a fhínne chor ar bith. B'fhéidir gur thú 'ionnsú a dhéanfadh an bhrúisc sin. Mo chomhairle dhuit fanúint uaidh / Bhótáil, adeir tú! Ara tá mé bréan daofa frén a chéile. Ní theighim in a bhfeiste ná in a bhfínne chor ar bith. Measaim gurb ugam atá an ceart.]/ Ní annsin a theighim ag an Aifreann duth ná dath. Rug sé orm maidin Domhnaigh amháin ag teacht deireannach agus thug sé aghaidh mar a thiúrfá ar mhadadh orm. Tabhair glafairt air a dhuine chóir! "Dheamhan mé" arsa mise liom péin, "má scagaim mé fhéin uait an babhtaí seo, nach go luath a fheicfeas tú arís mé!" Agus ní fhaca. Ní raibh mé in a fheiste ná in a fhínne ó shoin. Teighim suas go dtí an fear nach mbíonn doifeall aige roimh aonduine /

Fóir: Fóirín: Fóiríntː Ainm bhriathar; Ainmfhocal Buineann; Briathar Fóir etc: réidh an achair nó faoilte a thabhairt; cabhair nó tártháil a dhéanamh air; fionnuartas nó fuarú ó phéin nó ó thinneas nó a leithide; cúnamh, coisint nó coimirce a dhéanamh do … ; fóint nó leas. [Deirtear "fóirín", "fóiríntˮ agus "fóiriúint", agus "fuairíntˮ: (fəurʼīɴʼtʼ). Is de bharr go mbaintear leas cho mór seo as "fóiríntˮ agus a shan-fhocal "fuarúˮ idtaobh péine atá "fuairíntˮ ann is cosúil. Tá an Briathar Cuimseach — fóirim, fóirfidh mé etc. — ag seirgeadh san gcaint cés móite den Mhodh Foshuíteach, agus den Ainmbhriathar. Ní bhíonn fad ar bith go hiondúil ar an "oˮ san Modh Foshuíteach — go bhfoire Dia ort! agus "go bhfuaire Dia ortˮ amannta.]

"Go bhfoire Dia ort! = go dtuga Dia cabhair duit; nó go dtuga Dia ciall duit (is seafóideach thú); nó go bhféacha Dia ort (gheobhaidh tú garbh é — mar bhagairt) etc. [Tá an leagan seo rí-choitianta i gcaint] / Go bhfoire Dia ar an duine bocht. Is díol truaighe é / Go bhfoire Dia ort, ach a bhfá t'athair amach gur leag tú é sin = maróidh t'athair thú / Go bhfoire Dia ort! Is mór de do cheann atá falamh! = go dtuga Dia ciall duit! Is seafóideach thú! / Tá sé go dona, go bhfoire Dia orainn! [Cuirtear "orainnˮ isteach mar seo go minic i leabaidh air, cé gur de dhuine eile a bheithí ag guidhe cabhair ó Dhia] / Níl buille maitheasa déanta agaibh ó mhaidin. Go bhfoire Dia ar an té atá in ur gcleithiúnas! / Go bhfoire Mac Dé orainn, nach bocht an chaoi atá air! / Go bhfoire Mac na Maighdeana anocht air! Sé atá ar an bhfaraor géar! / Go bhfoire an t-Athair Síorraí anocht orainn, nach beag a scruball fear ar bith a chuaigh ag déanamh a leithide de chleas ar dhílleachta bhocht]/ Go bhfoire Mac Dílis Dé ar do cheann annsin! É siúd ag cur airgead i dtaisce! Is gearr ar a scóig é, is gearr sin = God help your sense! / Go bhfoire Críost air, má bheirimse air! = má bheirimse air, gheobhaidh sé

faoi na foraí é / Go bhfoire Críost ar na créatúir bhochta atá amuigh ar aghaidh na bpiléar! / Thú ag ceapadh go bhfuil tú in don agamsa! Go bhfoire Mac Dé ort a mhic ó! Níl ná triúr mar thú! = bíodh ciall agad / Go bhfoire Mac Dílis Dé orainn anocht, is olc an oíche í! Ní fhágfar cleith ar an teach mara bhfuil ag Dia / Nach hí an ropaire í, go bhfoire an t-Athair Síorraí orainn! / Go bhfoire Mac Dé bheannaithe ort, ní dhéanfadh sé é go n-itheadh sé é, agus is beag a mhaith dhuitse a rá go ndéanfadh! / Go bhfoire Dia ort má sin é a bhfuil d'fhios agad faoi! / Go bhfoire Dia air más mar siúd a fhanfas sé go deó! / Tá an saol go dona anois a bhfoire Dia orainn [a = a. Is minic a deirtear mar seo é. Nó amannta d'uireasa an "go" nó "a" (a) chor ar bith] / 'Bhfoire Dia air, másin é a bhfuil déanta aige fós! / Go bhfoirí Dia uirre! Tá sí in anchaoi [deirtear bhfoirí ar an Achréidh agus i gceanntair eile] / "Go bhfoirí Dia ar an bpeacach a bhíos go siorraí ag dul ar léig
Nuair a eiríos sé ar maidin, ní ar a Thiarna a chuimhníos sé" [línte tosaigh Dán Diadha] / Fóir orm! = tártháil mé; coisin mé; cara agus coimrí ort! = deirtear é dhá mbeadh duine idteannta, nó go minic agus aos óg ag spraoi / Fóir orm a fhleascaigh! / Chuaigh mé fhéin ag déanamh fóirínt air, agus ba mhó na buillí a d'eirigh liom ná leis fhéin. 'Ar ndó' deir siad é: ní theagann fear an eadarascáin saor / Cé a dhéanfas fóirín air anois mara bhfuil greim len ithe aige? / "B'fhearr dhuit fóirínt a dhéanamh orm" adeir sí. "Níl airgead an chíos agam". "Ba diachta dhuit dhá mbeadh", arsa mise, "agus é ólta agad. Cé a dhéanfadh fóirínt orm fhéin, dhá mbeadh easbaidh ná uireasa orm?" / Ní fear é le fóirínt a iarraidh air = cabhair airgid etc. / Tá sé as fóirín muis anois, mara nglaca an deirfiúr aon-truaighe dhó. Tá sise in a suí go te = tá sé réidh le

fóirínt (a fáil) mara etc. / Ní fóirínt mhór a rinne mise ort
le go ngabhfainn dhá maoidheachtáil ort. Agus níl mé dhá
maoidheachtáil ort, agus tá a fhios agad nach bhfuil, ach
tá oiread den diabhal ort in a dheidh sin agus go gcaifidh
tú an scéal a choinneál meabhraithe i gcomhnaí /[Beidh sé
gan fóirín muise más ag tnuthán leis an bpúdarlach
is deárthair sin aige atá sé! Sin é an cnuastóir céanna
nach ndéanfaidh fóirínt ar aonduine / Nach beag an dochar
duit náire a bheith ort a theacht ag iarratas ormsa. Ní
raibh aon-fhear fóirínte agam fhéin ariamh, ach cead agam
a raibh agam a bhaint as allas mo chnámh. D'fhéad tusa
an cleas céanna a dhéanamh ach, bhí an iomarca den
spreallaireacht ag siúl leat]/ Sin é an fear fóirínte
atá aige i gcomhnaí nuair a theagas air / D'fhóirfeadh
rud ar bith d'fhear nochtaithe = d'fhóinfeadh ["d'fhóinfeadh"
is mó adeirtear freisin. fc. fóint] rud ar bith d'fhear
nochtaithe / Ag baint sean-sceacha síos annsin atá sé anois
in áit nach bhfuil fód móna ag gabhail leis le cur ar an
teallach. D'fhóirfeadh rud ar bith d'fhear nochtaithe, adeir
siad /[Níl aige anois ach a bheith ag leanacht na gcarrannaí
móna ar fud na Gaillimhe agus má thuiteann aon-fhód asta
é a chur faoin a ascaill agus a thabhairt abhaile. D'fhóirfeadh
rud ar bith d'fhear nocht, 'ar ndó'. Nuair a bhí rud aige
ní thiúrfadh sé aire dó]/ An buidéal sin a thug an
dochtúr dom thug sé fuairínt (fóirínt) bhreá dhom
ar an bpian = fuarú, réidh an achair; lag sé an
phian orm / An bhfuil tú ag fáil fóirín ar bith ar
an bpian … is mór is fiú dhuit a dhuine bhoicht gur
bhodhraigh an phian ghárha siúd a bhí ort inné. B'fhéidir
go dtéaltódh sí i leabaidh a chéile le cúnamh dé /[Chuir sé
snáthaid ann. Uaidh sin amach ní raibh an phian cho cráite
air. Sin é an fhóirínt a fuair sé ón dochtúr]/ Dhéanfainn
rud ar bith anois le fóiriúint a fháil ar (ó) na doigheacaí
seo. Tá an fhiacail in a dhá leith. Teagann driog inte

amanntaí agus shílfeá go dtóigfeadh sí an ceann díom. Tá mo chiapadh ceart fáite agam uatha / Ná teaga gearr. Níl teach an áirleacain i bhfad uait annseo thíos. Sin iad a dhéanfas fóiriúint ort in do chall = teach a bhfaighfeá iasacht airgid, nó cúnamh den tsórt sin ann / Chreidim nach bhfuil fóirínt ar bith le fáil siar ach an oiread agus atá soir. = fear a bhí thart cheal tuitíní (cabhair) /[Chaifinn rud ar bith anois, dhá mba nimh fhéin í, dhá dtugadh sí fuairiúint dom ar an tinneas seo / "An bhfuil fionnuardas ná fóirínt le fáil agam ar an bpian", adeir Oisín le Pádraig. Agus aríst dúirt sé: "Dhá mba é toil do Thiarna é beagán fóirínte d'anamnacha na bhfianna ón bpéin"]/ Níl fuarú ná fóirínt aige inniu ach an oiread le aon-lá eile. Ag dul chun donacht atá sé, ach grásta dé. Is mór m'fhaitíos gur canncar atá air /[Níl d'fhóirínt ag an dochtúr le déanamh air ach ceirín a chur leis. Is fóirínt é sin fhéin nó go bhfuaraí sé. Annsin bíonn sé cho dona céanna aríst nuair nach gcuirtear malrait ceiríní sách minic leis. Scrúdfadh sé thú ag éisteacht leis scaití. Ach ní bhíonn neart ag an tinneas air]/

Fruigisí: Freigisí: Frugaisí: Ainmfhocal san Iolraidh (: Tá na trí leagan ann] = deiseacht, slacht, ornáidí, deisiú le cois nó thar mar is gá ar éadach, ar stocaí, ar róthair, ar tithe, ar chaint etc; cóirí catha, gaileamaisíocht, bealaigh beaga, suimiúleacht etc.

Tá frugaisí ar na stocaí aice síos sna colpaí = gan iad a bheith déanta sleamhain; lúba corracha, agus lúba ionntaithe etc a bheith ionta; slacht a bheith ar an gcniteáil /[Ní bhíonn freigisí ar stocaí anois cho coitianta agus a bhíodh fadó. An déanamh sleamhain a thugtar orra ar fad ar an saol seo. Dheamhan a bhfuil sé de stuaim sna mná atá ann anois freigisí a chur ionta]/ Ná mór fruigisí beaga ar thaobh na honóra den gheansaí sin. Ná bac leis an taobh thiar. Ní fheicfidh aonduine é = slacht agus ornáidí a chur ar an taobh abhfus nó an taobh a bheadh

as comhair an tsaoil / Chuirtí fruigísí breá ar na léinteachaí fadó. Bhídís faoi phléataí anuas ar fad ar an taobh a bhfus ach sleamhain atá siad uilig anois, mar is léinteachaí siopa is mó atá ann. D'fheicfeá na sean-fhruigisí ann i gcomhnaí ar léine T. Mh. Tá a bhean sin indon a ndéanamh. Sí atá deas air! /[Tá léinteachaí na bfrugaisí caite in aer. Diabhal a bhfuil sé achar ar bith ó a rinne mise ceann aca do Sheán annseo, ach dheamhan a chos a chaifeadh í. "Leis an tír a bheith ag tabhairt sunntais dom", adeir sé. "Ní bhíonn siad sin anois ach ar shean-daoine". "T'anam cascarha ón diabhal" adeirimse leis. "Tá sí sách maith agad. Chaith fir ab fhearr ná thú iad, agus ba bheag an locht a bhí aca orra". / Sén chaoi a bhfuil na freigisí sin ag cur an ghúna as a shlacht. Tá an iomarca aca ann. Bain as a leath]/ Óbhó go deo nach ar a cuid éadaigh atá an frugaisí. Dhéanfadh sí cúis mhaith d'uireasa a leath / Gúna fruigisí a bhí uirri. Ba deas é / Ní chuirtear na freigísí sin anois ar chótaí cóirithe chor ar bith. Dheamhan cóta gibíneach a chonnaic mé le mo chuimhne. Ba dheas iad na gibíní /[Tá na seálta fruigisí ag dul i léig. Seálta dubha is mó atá ag teacht amach anois. Chreidim gurb iad is fhearr l'aghaidh na strácála, agus nach mbíonn an salachar cho sunntasach orra le na seálta eile]/ Cé a chuir an freigisí sna stocaí dhuit? … Ba deas a rinne sí iad. Bean mhaith aráin agus abhrais í sin, agus ghreamaigh sí di. Bhí na Cáthain uilig amhlaidh / Ní theastaíonn aon-fhrugaisí ó thaobh bun as cionn. Ní fheicfear é / Is diabhal an lear fruigísí atá ar an "mbicycle" sin agad. Seo é an "three speed" an é? Cé l'aghaidh an bícéad eile seo? / [Ní dhéanann sé buille maitheasa ach ag cur caoi ar an "mbicycle" atá aige, ag cur iongáis agus freigisí air. Agus ní túisce thuas aige iad ná anuas aríst / Is iontach an lear frugaisí atá san seomra siúd aice. Is seomra urnáilte é. Ní leigfeadh sí isteach ann thú gan do bhróga a bhaint dhíot!]/ Ach cén sórt fruigisí atá sé thíos a

a chur ar an teach? … Rud l'aghaidh solais a thabhairt isteach ann! An n-éistfidh tú liom! Solas mar atá sna tithe i nGaillimh, nach bhfuil ort ach cnaipe a chasadh agus beidh sé lasta! Muise muise! San saol a tháinig sé! Agus nach raibh aige go dtí an bhliain cheana ach fáideógaí agus cam! Tá na caisleáin ag tuitim agus na carnaoilíochaí ag eirí inDomhnach! / Ní iarrfadh sé go deó ach ag deismínteacht timpeall tí mar sin. Tá sé an-stuama ceart go leór, ach caitheann sé a shaol ag cipiléaracht agus ag déanamh rudaí nach mbíonn call ar bith leó. Rinne sé teach nua cupla bliain ó shoin, agus chuir sé an oiread freigisí istigh ann, agus nach raibh an oiread áite fágha aige ann san deireadh agus go suíofadh sé síos! B'éigin dó tosaí dhá mbriseadh agus dhá gcaitheamh amach aríst ar ais! / Sin é an ciseadóir! Rinne sé ciseán domsa annseo fadó, agus chuir sé an oiread frugaisí air, agus nach ngabhfadh mo láimh síos ann! B'fhada a chaith sé thiar annsin san seomra. Bhí sé ro-dheas le dhul ag strachailleacht leis / Tá go leór fruigisí ar an mótar nua sin a cheannaigh sé! Go dtí an "radio" féin tá sé ann! / Is diabhlaí an lán fruigisí atá ar an gclog sin. / Ní thaithníonn na freigisí nua-aosach sin chor ar bith liom. Bheadh déanamh maith ag duine dhá bhfuireasa / Tá an iomarca freigisí uilig ag an gceann céanna. Mharódh sé le cóirí catha thú. = gaileamaisíocht; suimiúlacht; bealaigh beaga corra a bheith leis / Ní mian leis scéal ar bith a innseacht gan go leór frugaisí a chur air = áibhéil, corannaí agus casaíochaí, "ornáidí". [Is droch-mheas ar scéal é] /[Bíonn an t-uafás go deó fruigisí aige ar an bpaidrín. Diabhal sinnsir dhá dtáinig ariamh leis nach gcuireann sé faoi bhrí na guidhe. Choinnigh sé dhá uair ar ar nglúine muide. Mh'anam gurb shiúd é a rinne an ránn dó agus nach hí Áine den fhaoistean]/ Ní thaithníonn an bhean chéanna chor ar bith liom. Is fruigisí í ar fad. Ní fhéadfadh sí a iarraidh ort suí isteach ag cupán tae, gan biodáin a

dhéanamh faoi. Diabhal a leithide de chaoi! / Tá an iomarca fruigisí agus suimiúlacht ar fad ag siúl leis. Duine ar bith a mbíonn talamh mar sin faoi, ní thaithneódh sé liom fhéin / Leig de do chuid frugaisí cainte anois! Tá ar ndíol dhi sin cloiste againn. / Nach bhféadfá a rá go ndeárna tú é, nó nach ndeárna agus gan bacadh le leath na bhfrugaisí sin! Diabhal aithne ort nach thar sheacht míle d'fharraige théachtaithe a chaith tú a dhul in a choinne! /

Frídeóir: Ainm fhocal, Fireann = (i) duine beag dona éitreórach ; duine nach mbeadh oiread na fríde ann; duine nach mbeadh sé de rath air ach siobáil no giotamáil fhánach oibre a dheanamh de bharr laige nó neamh-théagar. "Frídeóirín" a thugtar ar an bhfocal seo go minic. (ii) cineál bloc nó deis ar chrann seoil báid, leis an seól a chur i gcrann, nó a oibriú. Bíonn roithíní beaga istigh ann. Oibríonn na téadrachaí orra sin.

Sharaí dhó, an frídeóirín! 'Ar ndó, ní foghail fir atá sé sin indon a dhéanamh i ngarraí! M'anam muise nach cheal leithid ná talúna é in a dhiaidh sin / Níl ann ach frídeóir de dhuine agus in a dhiaidh sin fhéin, is diabhlaí go deó an gníomh atá ann. M'anam mara bhfuil gabhail na gaoithe ann go bhfuil déanamh na ngnaithí ann, go bhfuil sin. /[Diabhal an féidir go bpósfadh sí an frídeóir sin. A leithide de bhunnán (: bhuinneán) de bhean bhreá. 'Ar ndó' thiúrfadh sí léithi in a naprún é. Chuir sé artha an dul amú ceart di, chuir sin / Ní dhéan-ann an frídeóirín eile siúd ann, ach siobáil bheag timpeall an tí: rud a thabhairt do chearca agus do laogh-anntaí, agus an luaith a chur amach. 'Ar ndó' ní indon a dhul i ngarraí atá sé! Is fada uaidh é]/ Is beag é do mheas ar an bhfrídeóir, ach deirimse leat gurb shin é an gnaithíoch. Marach é sin is fadó ariamh an lá a bheidís de dhruim tí. Maidir le bheith i gcleithiúnas an mhac is sine! Bheidís ar deireadh muis! Dheamhan déantús maitheasa ar bith annsin! / Cérb as a dtáinig an frídeóir a fheicim ann na laethantaí

seo? Diabhal lán de ghlaice ann / Ara is beag é a dhicheall an frídeóirín bocht caillte. 'Ar ndó' ní meáchan atá sé siúd indon a thógáil. Ceó ar bith ach go dtiúrfadh sé do bhéilí chugad san ngarraí. Sin é an méid. / Bádh annsin thoir í (: bád). Chuaigh sí go frídeóir i bhfarraige ann. Ní raibh aníos ach cuid den chrann /[Bhí farraige cháite dhá cur go frídeóir orainn le gaoith bhoird. Shíl mé nach sáródh muid choichín é. Ach bhí togha an bháid againn. Níor mhór dhuinn fhéin go raibh.]/ Chuaigh sí go frídeóir i bhfarraige ar an gcéad-amhóig in Éirinn. Shíl mé go raibh muid réidh. Dheamhan muise gurb shin é an lá a raibh mise idir an t-aighre agus an tanaí ceart críochnaithe. Ach d'eirigh linn a ceannsú in a dheidh sin /

Fearacht (: f ʼ arəxd): Ainmfhocal (níl a fhios agam céard is innscin nó athrú tuisíl dó, mar ní bhaintear leas as ar chaoi ar bith a thiúrfadh aon-leide dhuit faoi na rudaí sin) = dálta an … ; ní hé a dhálta sin etc.; cosúil le; ag dul i gcosúlacht le … ; a leath cheann; ach an oiread le … ; rud mar … ; a ionnúil de … ; ar nós; ionann leis … ;

Ní hé m'fhearacht T. J. Thapaigh sé sin a ghnatha. Sé a bhí deas air = ní hé mo leath-cheannsa é; níl sé ag dul i gcosúlacht liomsa / Ní hé t'fhearacht-sa S. chor ar bith. Tá áird aige sin ar a ghnatha / Sé t'fhearacht féin críochnaithe é. Scrábálaí eile mar thú fhéin é = sé t'fhearacht-sa críoch-naithe é /[Ní hé fearacht an fhir seo annseo Eón chor ar bith. Tá ciall ag Eón, rud nach bhfuil aige seo]/ Níl sé siúd t'fhearacht fhéin chor ar bith. Chuaigh fír na maitheasa annsiúd, agus tá a shliocht air: ní fhágfaidh sé a ghnaithí ar lár / Ní raibh sé m'fhearacht-sa ariamh. Bhí sé indon imeacht. Tá sé de shonndacht annsin a chuid a iarraidh ar aon-nós, caoi nach bhfuil mise. Tá mise an-chuthal /[Ní bheidh T. fearacht Mh. ag imeacht ag sceidínteacht leis an rud. Déanfaidh sé as láimh é, déanfaidh sin / Ní bheinnse fearacht cuid eile de na daoine chor ar bith. Níor mhaith liom ariamh an dá chroí a bheith agam. Déarfainn amach an rud gan frapa gan taca, sin nó leigfinn

dó. Ní bheinn ag dul siar i mbéal duine agus ag maoidheacht-
áil leis, agus an buille feille a thabhairt dó taobh thiar dhá chúl
in a dheidh sin]/ Ní call duit a bheith ro-dhiomúch dhó chor ar bith.
Níl sé fearacht mo phortach-sa nach bhfuil tada ann ach an
leic liath. B'fhearr liom in a bhog-eibhinn fhéin é ná é a bheith gan
aon-domhainn ar nós na bportaigh atá againn anois / D'imigh sé
fearacht duine a bhuailfí treasna an bhéil = dalta / Ghlan leis
as fearacht ceannaí a chaithfí amach = ar nós /
Cultachaí dubha fearacht póilíos a bhí orra = ar nós cultachaí
na bpóilíos /[Bhí sé ag glamhaíl fearacht madadh (fearacht
an mhadadh) / Tá cána ag imeacht aige anois fearacht
duine uasail / Talamh fearacht na mbreaclachaí sin thiar
agamsa atá aige. Ní bhfuightheá ann le cur ach corr-chluasóig /
Buaileann sé fearacht cloig ach ní hé an déanamh céanna
atá air in a dheidh sin. Rud fada caol é / Níl teach aici
fearacht an tí seo ar aon-nós, agus é in a mhoirt le
salachar. Tá teach aici cho glan leis an gcriostal / Níl
sí fearacht ná mná seo thoir ag imeacht ag solár, agus
ag tárlú léithi as 'chuile áit dhá bhfuighidh sí é. Bean
chuibhiúil í]/ Dhá mbeadh sé fearacht an drad atá agamsa nach
féidir liom aon-cheo a changailt leis, mara mbeidh sé cho
mion le snaoisín! Sé a bhfuil agadsa fiacail fhabhtach amháin. /
Ní bheadh sí choichín fearacht a colceathar. Ba shin í an
bhean! / Dhá ndéanadh sé fearacht an rud a rinne sé
cheana (fearacht mar rinne sé cheana; fearacht
cheana; fearacht an uair cheana), is mór a thiúrfadh a
mbeannacht dó. Rinne sé an grádh-diadha an uair sin
ar chaoi ar bith / Seachain a ndéanfá fearacht cheana,
(: mar a rinne tú cheana) an mhéir a sciobadh dhíot
fhéin, leis an scian sin /[Ólfaidh sé fhéin uilig é, fearacht
an uair cheana. Dheamhan thiomanta deóir a fheicfeas
aonduine go deó dhó (dhe) sin / Ní dhéanfaidh sé fearacht
an deárthar ar chaoi ar bith: crapadh leis abhaile cho luath
agus a íocfar a chuid airgid leis]/ Rinne sé fearacht an

an athar. 'Deile céard a dhéanfadh sé. Nach cuid den mhuic an drioball? /[Bhí tuagh annseo agus fearacht an scéil ar ball, tháinig duine dhá hiarraidh, agus níor thug sé ar ais í = ar nós an scéil a hinnsíodh goirid ó shoin (roimhe sin san gcómhrá) faoi rud a imeacht agus gan é a theacht ar ais [is minic nach mbeadh a leithide i gceist roimhe sin chor ar bith, ach go n-abraíthear "fearacht an scéil ar ball" mar sheóraí chainte, ar nós an Bhéarla: no more than a thing", "no more than a story", ("ach an oiread le rud", "ach an oiread le scéal")]]/ Níor chuibhe (chuí) dhó é a dhéanamh fearacht an scéil ar ball / Chuir mise fataí freisin, agus fearacht an scéil ar ball, ní dheachaidh a ndóthain leasú orra, agus tá a shliocht orra / Bhí cearc eile annseo agus a fhearacht siúd mharaigh muid í = fearacht an scéil ar ball = ní raibh againn a marú = ba den dímheabhair dúinn a marú = dhá mbreathnaíodh muid romhainn ní mharódh muid í chor ar bith / A fhearacht siúd, bhí aige fanacht san mbaile, agus gan a dhul ann chor ar bith. Ní hanna d'fheil dó: fear pósta agus muirín air /[Deir siad go bhfuil sé leis an leoraí a dhíol arís. A fhearacht siúd ba bheag an ghnatha a bhí aige dhó luath ná mall / Chuala mé go raibh sé leis an gcailín aimsire a dhíbirt ach a bhfádh na gasúir scoile scíth. A fhearacht siúd, ba bheag a theastaigh sí uaidh ó thús deireadh go tosaigh, marach a chuid ealaoine. Nach raibh a ndóthain aca fhéin ann, má bhí fonn oibre orra / Chas bean an Ch. léithi é a fhearacht siúd nach mór a bhain bean an Ch. di. An iomarca fad a bheith ar a teanga 'ar ndó'. 'Deile! Sílim muise nach ro-bhuíoch di fhéin atá sí as ucht bean an Ch. a tharraint uirri fhéin. Roinn sí an onóir léithi. Sí atá i riocht]/ M'anam nach hé fearacht cheana é, má bheirimse ort ann aríst, nach ngabhfaidh sé cho saor leat agus a chuaigh sé an uair dheireadh = leig mé uaim réidh go leór thú an uair cheana, ach ní hamhlaidh a bhéas sé aríst / Dar sliabh ní hé fearacht an lá faoi dheireadh é, má

thosaíonn tú ormsa aríst, go mbeidh scéal agad air. Ara nach
thú an nathaíodóir againn! Ag ceapadh go n-éistfeadh duine ar
bith leat! / Ní hé m'fhearacht-sa a rinne sé; gan tréas ar
bith a chur ar fhear na móna. Dhá dtapaínnse mo ghnatha
mar a rinne seisean agus gairm chúirte a chur ar fhear
an leóraí, gheobhainn mo chuid airgid freisin. Ach níor thapaíos /
Dhearg sé suas a fhearacht 's (fearacht's)
dá mbeadh olc air = fearacht agus; ar nós agus
dhá mbeadh olc air /[Chuaigh sé amach go doras fearacht's
dhá mbeadh rún aige a bhualadh, ach d'fhill sé aríst / Tá
sé ag tarraint chloch le seachtain, fearacht's dhá mbeadh
rún aige cró eile a dhéanamh annsiúd / Chlaon sé aríst,
fearacht's dhá mba faitíos a bhuailfeadh é / Tá sé gabhtha
gléasta, fearacht's dhá mba duine uasal é / Bhí a shúile dúinte
aige a fhearacht's dhá mba 'na chodladh a bheadh sé, ach ba bheag
dhá chuid cluanaíocht é sin, mo léan / Chonnaic mé ag dul síos
an bóithrín ar ball é a fhearacht's dhá mba ag dul abhaile a
bheadh sé. Má sea fhéin, tá sé in am sin aige, agus gan a
bheith ag leádrán annseo níos fuide.]/ Sin é a fhearacht
aigesan é = sin é a fhearacht leis sean é = mar sin atá
seisean; sin é a nós seisean etc. / Is mochóireach maith é
siúd, ní hé sin a fhearacht agadsa é = ní hé t'fhearacht é /
Cnuastóir ceart a bhí in a máthair agus sé a fhearacht sin
léithise é freisin / Tá P. fiuntach ní hé a fhearacht sin ag
(le) a dheárthair é / Má tá tusa fuar, sin é a fhearacht
agamsa freisin é. Tá mé fhéin seacáilte / Bíonn slí
agus seifte ag an muinntir sin soir chuile lá dhá n-eiríonn
ar a súil, ní hé a fhearacht sin againne é / Rinne sé muis. A
fhearacht sin, b'fhearr dó gan bacadh leis = a fhearacht siúd =
b'fhearr gan a dhéanamh /[Chaith sé deich bpunt ag dul ann agus ag
tiacht abhaile aríst. Ní raibh call ar bith dhó a dhul ann '
fhearacht sin (: a fhearacht siúd) = ach an oiread le scéal, ní raibh
call ar bith dó a dhul ann / Tá tú báite go craiceann anois.
Ba bheag a chiall thú agus fanacht amuigh faoin mbáistigh ' fhearacht
siúd. ('fhearacht sin)]/

Fios = Ainmfhocal; Fireann; Geiniúnach Uathaidh: fis; feasa (lucht fis; fear feasa) Ach go minic, ní bhaineann claochlódh tuisil ar bith dó.
Fiosach; Fiosrach: Aidiacht as fios.
Fios: eolas, fáirnis, faisnéis, tuairisc, faidheólas, tuairim, buadh targaireachta

"Fios Fhínn, neart Ghoill, agus buadh Chonáin" [Fios Fhínn = bhí buadh na targaireachta aige; bhí sé indon a innseacht céard a bhí le theacht] / Dhá mbeadh fhios Fhínn agad, ní fhéadfá a innseacht céard a dhéanfadh sé sin. Ní fhéadfadh ná aonduine eile / Tá fios aige aige sin, mara neach atá aige. / [Deir siad go raibh fios ag M. na T. annsin thoir. D'innis sé faoin gcogadh = buadh targaireachta / Ní fhéadfadh aonduine é sin a rádh ach an té a mbeadh fios aige. Caithfeamuid foighid a bheith againn. Is maith an scéalaí í an aimsir.]/ Gabhfaidh mé ag iarraidh fios m'fhortúin = rachaidh mé indiaidh mo chinn romham, go bhfeice mé céard atá ag an saol indán dom; buailfidh mé faoin saol; imeóidh mé go dtí áit eicínt eile ag obair etc. [seoraí sna scéalta é, ach tá sé san gcaint thairis sin] /[Imeóidh mé ag iarraidh fios m'fhortúin sílim. Tá mé sách fada annseo anois, agus beagán dhá bharr agam. Tiúrfaidh mé Sasana orm féin / Thug sé an tír soir amach air fhéin ag iarraidh fios a fhortúin. Ach ba ghearr go raibh sé san mbaile aríst agus a leath-sciathán briste / Ní i bhfad anois go ngabhfaidh mise ag iarraidh fios m'fhortúin go Sasana cho maith le duine. Tá siad ag teacht abhaile ar fad as agus spagaí airgid aca]/ Níl fios fuath ná fionnóige aige (fc. fuath) / Tá fios na siopaí aige = tá fios na rólachaí (róthlachaí) aige = chuaigh sé thrí na súgáin cheana = tá cleachta nó eólas aige ar an obair, ar an gceird, ar an gcaoi le bualadh faoi etc. / B'fhearr dhuitse a theacht in éindigh liom. Tá fios na ropaí agad. Rinne tú cheana é. Níl ionamsa ach aineolaí / Ní bheadh aon-ghnatha ag aonduine bualadh faoi an rud sin, ach an té a mbeadh fios na róthlachaí aige. Is ceird chontúirteach í /['Ar ndú ba cheart go mbeadh fios na rólachaí agadsa feasta. Tá tú sách fada ag dul go dtí oifig an "dole" ar chaoi ar bith. / Tá sé nua-aosach ag an gcúirtéaracht fós. Níl fios na ropaí aige. Is námhaid í an cheird gan í a fhólaim, adeir siad / Sén diabhal é, nó tá fios na rólachaí aige feasta

choichín, agus cho fad agus atá sé taithí ann. Ach ní duine é a bhfuil aon-mheabhair ann cheapfainn]/ Tá fios an scéil aige seo aníos = tá fios fáth an scéil aige = gach tuairisc nó fáirnéis faoi / Tá fios margaí ag M. Ph. Mh. Bíonn sé acab chuile Shatharn = tuairisc nó eolas fútha / Mara bhfuil aon-fhios feamainne ag T. Mh. Bhí sé ag an gcladach = eólas a raibh feamainn isteach san gcladach / Níl duine ar bith is fhearr fios "lorries" ná M. Sh. G. Tá sé ar bhéal an bhóthair = lorries a bheadh ag iarraidh móna le ceannacht / Níl fios na faillí (faille) agam (fc. faillí) / Tá fios a labharha aige sin = tá deis a labharha aige = níl cúl a chainte leis = tá a fhios aige cén chaoi le labhairt go feiliúnach, slachtar, cuibhiúil / [Níl fios do labharha agad chor ar bith. Breá ar dhúirt tú an rud sin leis? / Fuair tú amach muise cé aige a mbeadh fios a labharha. Ab é an gráiscín sin? Náireódh sé thú, dhá mbeadh aon-duine ann a mbeadh cás ar bith agad faoi. Meastú céard adúirt sé an lá cheana agus N. R. annseo … ? Ní thiúrfainn deóir fhola le náire / Cén ghnatha atá agamsa a dhul chun cainte leis? 'Ar ndú, ní fios mo labharha atá agamsa le dhul chun cainte le sagart = ní bheadh a fhios agam céard adéarfainn leis; níl mo sháith fólaime etc. orm / Níl aon-bhlas d'fhios do labharha agad ach an oiread le mo thóin! Ba deas an scéal a tharraing tú anuas! Cuirfidh sí sin do cháil faoin tír / Ní chasfaí in do shiúl lae leat fear a bhfuil fios a labharha aige cho maith le M. Bh. annsin thoir. Is cliú don tír é, agus an chaoi a bhfuil sé indon a scéal a cheartú do shagart agus do bhráthair, agus do dhuine uasal]/ Dhá mbeadh fios mo labharha aghamsa i mBéarla — rud nach bhfuil — thiúrfainnse an teanga dhó, d'fheic -feadh sé féin air. Mara sonnda é! / B'fhuide liom ná fios mo shaoil go n-imíodh sé agus go dteighinn a chodladh = [fios mo shaoil = an léas atá indán dom ar an saol; an méid bliain a bhéas mé beó] / Níorbh fhearr liom ná fios mo shaoil, dhá mbeadh sé annseo. Tá imní orm faoi. Is fada liom amuigh é. / B'fhearr dhuit ná fios do shaoll a bheith ag breathnú air, agus na goiceannaí a bhí sé a chur air fhéin. Dhá mbeadh gan a bheith agad ach an t-aon-gháire, chaithfeá a dhéanamh faoi. Buachaill báire é /[Dhá dtugtaí fios mo shaoil dom, is túisce a thiúrfainn roghain ar an scéal sin

a fháil amach. Tá mé ar bís go mbeidh a fhios agam céard a thug ann é, nó an ag iarraidh mná a bhí sé / B'fhuide dhuit ná fios do shaoil an oíche siúd. Ghabhfadh an sioc a bhí ann thrí chlár daraí. Sharuigh muid í in a dheidh sin, buíochas le Dia / Is fuide leis ná fios a shaoil go n-imighe an ceann eile as an teach go dteighe sé fhéin isteach ann. Chítear dhom gur suarach an mhaise do dhuine a bheith mar sin / B'fhuide léithe ná fios a saoil go dteagadh scéala chuice, ach nuair a tháinig, ní mó ná go maith a thaithnigh sé léithe]/ Níl a fhios aice fios oíche ná lae ar pháiste = tá sí ag súil le páiste puinnte ar bith / Níl fios oíche na lae agam cén puinnte a dtiocfaidh sé / Níl fios oíche ná lae aca ar a bhás = tá déanta len a bhás, agus ní fios cén nóiméad / Ní raibh fios rúin ná soiscéil agam (céard a bhí sé a dhéanamh) = ní raibh fios rúin ná broscair agam = ní raibh fios rúin ná broscáin agam = ní raibh fios rúin ná mioscais agam = ní raibh fios brú(n) ná broscáin agam = ní raibh fios ar bith agam = níor chuimhnigh mé amháin etc. [tá na leagain seo ann ar fad] / Ní raibh fios rúin ná soiscéil agamsa cé a bhí ann, ach gur bhuail sé isteach chugam, agus gur dhúirt sé gur thusa a chugam é / Cén chaoi a mbeadh fios rúin ná broscair agamsa faoi t'asal. 'Ar ndú' ní mise a bhain dó. Teirigh ar a thuairisc más breá leat /[Dhá mbeadh fios rúin ná broscáin aige gur mise an chéad-bhall a d'fheicfeadh sé roimhe, is mór m'aimhreas a dtiocfadh sé isteach / 'Gcuire Dia an t-ádh ort agus leig dhom. Níl fios rúin ná mioscais agamsa faoi fhéin ná faoin a chuid cúrsaí. Muise nach haisteach an cleite cómhrádha a tharraing tú chugam i mbrollach an lae?]/ Níl fios brú(n) ná broscáin aige cá raibh sib, agus ní fearr dhaoib beirhe é. Fágaí an scéal mar sin. An rud a bheadh a fhios aige siúd, is scéal ag an tír é, sea sin /[Ní bhfuair mise fios rúin ná soiscéil ar an troid luath ná mall. Tusa an chéad duine a chaintigh liom uirre]/ Is cailleach fis í sin = duine a mbeadh fis aice / Deir siad go raibh a sean-mháthair sin in a cailleach fis / Bhí fios aige di = chionntuigh sé léithe = rinne se céileachas léithe [Leagan Achréidh] / Ní raibh fios agam d'aon-bhean ariamh = carnal knowledge /[Is suarach an fear a mbeidh fios aige do bhean ar bith sul a gcuirtear brat phósta air]/ D'orduigh an creideamh dúinn gan

a bheith againn de bhean ar bith ach dhár mbean fhéin / Cheal fios: cheal stuaim. Sin é atá air = tá sé aineolach ainfhiosach / Nach haisteach go ndearna sé an méid sin agus fios aige go maith nach raibh plé beag ná mór agamsa leis /[Níor cheart dó láimh a leagan uirre agus fios aige go mba feamainn scine í / Níor chóir d'aonduine rud mar sin a árdú leis agus fios aige nach leis fhéin é]/ Cén fios atá agamsa faoi. Teirigh ag duine eicínt a mbeidh fios aige faoi = eolas / Níl fios ar bith agamsa faoi mhaotháin bó / Cá bhfuighinnse fios air? Cé a d'innseódh domsa é. Ní chloisim scéal ar bith / Má bhí fios aige go raibh siad le teacht nach beag 'e luadh a bheadh aige caintiú air / Ag iarraidh fios fúmsa a bhí sé. Breá nachar innis tú bolg bréaga dhó? /[Bhí sé ag iarraidh fios faoin teach nua seo thíos, cé a bhí ann, agu cé 'mba leis é / Ná tabhair fios faoi thada dhó sin. An iomarca fios atá aige cheana / Ní raibh aon-fhios agamsa go raibh sé básuithe go dtí ar ball]/ Tabhair fios dom faoin rud atá le déanamh agam = innis dom / Ní thiúrfadh sé d'fhios dhom air ach an méid sin, th'éis go ndeacha mé go bog agus go cruadh air. / Ní bhfuighidh sé aon-fhios air uaimse = ní innseóidh mise di é / Ní thiúrfadh sé aon-fhios dom thairis sin, ach dúirt go mbeadh sé ag caint liom arís gan morán achair /[Iarr fios air faoin láighe. Cá ndeacha sí = eolas, tuairisc. / Níor mhaith liom fios a iarraidh ar aonduine faoi rud den tsórt sin, gan an-teanntás a bheith agam air]/ D'fhága mise ar bheagán fios é, th'éis go raibh sé an-chaidéiseach = níor innis mé tada dhó / Is beag an fhios (de fhios?) a bheadh le fáil uaidh fhéin, ach is mian leis chuile fhios a fháil = chuile eolas, chuile scéal, chuile thuairisc /[Is iomdha fios a bhíos ag an mbean chéanna = scéalta, biadán / Dhá laghad fios dhár thug an ceann thuas dom, níor thug an ceann thíos a leath oiread dom]/ Tá an-fhios aige faoi bháid = eolas, fáirnéis / Ab shin é a bhfuil tú le tabhairt de cheartú ar an scéal. Tá mé gan fios fós muis = ní thuigim an scéal d'uireasa tuille mínithe / Cén fios atá agamsa ar a ghnaithí. Fiafruigh dhe fhéin é /[Níl d'fhios aige faoi churachaí, ach an oiread liomsa, agus sé cuid an bheagáin atá agamsa]/ Más ag iarraidh fios ormsa a bhí sé, tá sé gan fios anois muise. Dheamhan faice

a leig mise leis / Bhí sé ag iarraidh fios a bhaint asam faoin gcóta
= ag iarraidh chur faoi ndeara dhom innseacht faoin gcóta / Níl
d'fhios agad air — agus ní bhfuighidh tú aon-fhios air — ach an oiread
leis an bhfear (an té) nachar rugadh / Fios ar fad atá uatha
sin = biadán, tuairisc, eólas / Fios ar fad í = biadán, scéalta /
Tá tú ó fhios ar an scéal sin, mara bhfuil a fhios agad fhéin
cheana é /[Theastuigh fios uaidh cá bhfuair muid an té / Tá sé
le fios a thabhairt domsa (le fios a fhágáil agamsa) annseo ag
an teach, má bhíonn aon-cheann san siopa amáireach / Níl aon-
fhios agam ar an amhrán sin = níl an t-amhrán sin agam]/ Ní
raibh fios ar an scéal chor ar bith aige, nó gur chas mise leis agus
mé ag seóladh na mbeitheach / Ná bíodh aon-fhios ag aonduine faoi
do theachtaireacht / Chuir sé fios ar an dochtúr don tsean-bhean /
[Cuir fios ar aol le Seán go Gaillimh / Mara bhfuil sprae agaibh cuirigí
fios go Gaillimh air / Chuaigh fios soir ar Sheán ar ball = cuireadh
scéala (fios) i gcoinne Sheáin ar ball / Ní dheacha aon-fhios ar an
tobac fós. Ná fágaighí ro-dheireannach é]/ Tá sé in am fios a
dhul (a chur) ar a hinín. Mara dteighe, agus go beó, ní bhéarfaidh
sí beó uirre / Taca an dó a chlog a tháinig fios ormsa / Is mór
a theastuigh fios uait. Fagh amach é = freagra ar ghasúir (nó ar
dhuine ar bith) nuair a sháróidís thú ag iarraidh rud a fháil amach,
eolas a bhaint asad nach mian leat a thabhairt uait agus rl. / Níl a
fhios nach mar is doilí is fhearr cé gur deacair a rádh gurb ea
= níl a fhios nach mar is measa (dona) is fhearr cé gurb deacair
a rádh gurb ea (fc. deacair, doiligh) / Níl a fhios cés fhearr a thús ná
dheire = ag roinnt ruda; b'fhéidir nach hé an té a gheobhfadh an
deireadh a bheadh "ar deireadh". /[Seól leat. Roinn amach orra é. Beidh mise
luath go leór. Níl a fhios cés fhearr a thús ná a dheireadh]/ Tá a fhios ag
duine céard atá caite aige, ach níl a fhios ag duine céard atá roimhe
= i dtaobh an tsaoil / Níl a fhios fós cé phógfas Máire = imirt nó
cluiche idir-chamánaí; ní bheadh a fhios cé ghnothódh / Níl a fhios agam ó
Dhia anuas (ó sheacht ranna an domhain; ó sheacht ranna na néal; ó
neamh ná néal; ó neamh ná néal; ó Dhia go talamh; ó Dhia; ó
Fhlaitheas Dé na ngrást; bruite ná fuar etc.) céard a dhéanfas

mé. / Tá a fhios ag Dia (tá a fhios ag an lá; tá a fhios ag an lá beannuithe; tá a fhios ag mo chroí etc.) go bhfuil mé tinn = tá mé tinn go cinnte / Tá a fhios ag do chroí istigh nach bhfuil an phínn airgid agamsa ach an oiread agus atá sé agad fhéin = you realize full well yourself / Níl a fhios cén bhaisteach a chaith sé aréir = it is not known Béarla na h-Éireann = chaith sé go leór báistí /[Ní raibh a fhios cén sioc a bhí caite aige ar maidin inniu (: rəu is go hiondúil, ach raifios ref'is Achréidh) / Níl a fhios cén t-olc a bhí orm agus a údar agam / Níl a fhios cén t-airgead atá aige / Ní bheidh a fhios cén mhóin a bhainfeas sé imbliana]/ Tá a fhios ag an saol (ag feara fáil, ag cách, etc.) nach airgead atá aige / Níl a fhios san diabhal (san tubaiste, san gcatmara etc.) céard a bhíos sé a dhéanamh san mbaile mór gach lá / Ná bíodh a fhios ag aonduine é sin anois / [Sén chaoi é: ná bíodh a fhios ag do láimh chlí céard atá do láimh dheas a dhéanamh, nó má bhíonn a fhios, is gearr go mbeidh a fhios ag an saol é / Níl a fhios ag an athair fos é ach is gearr go mbeidh a fhios (aige é)]/ Má dheireann tú sin leis beidh a fhios agad é = beidh scéal agad air; gheobhaidh tú garbh é /[Má chuireann tú aon-araoid air sin beidh a fhios agad é. Tiúrfaidh sé siúd faoi na foraí dhuit é]/ Níl a fhios agam an bhfuil sé tinn? Níor chuala tusa é = nímé? / Níl a fhios agam ar imigh sé fós? / Níl a fhios agam céard a rinne mé ar mo Dhia chor ar bith. Níl me ag fáil aon-mhamh i gCathair Pheadair ná Phóil / Níl a fhios agam céard a rinne mé ar mo Dhia agus an bhail seo a chur orm! Mé a chasadh i lár an "bhulc Bligeárds" is corónta a chonnaic mé ariamh! /[Ni raibh a fhios ag aonduine céard a bhí agam ó dhíol mo fhreastail amach / An bhfuil iasc istigh ab ea. Níl a fhios sin agam (dheamhan a fhios sin agam) / Cár fhága sé é adeir tú? Dheamhan a fhios agam fhéin / Dheamhan a fhios sin agam féin céard a bhíos sé a dhéanamh mar seo]/ Cailleadh an laogh air, adeir tú. Bhí a fhios sin aige nuair a chuir se ann é / Buaileadh tuí shrathair air ag an mbainis. Bhí a fhios sin aige agus a dhul ann = ní fhéadfadh tada eile tarlachtáil; níor cheart do a dhul ann / Bhí (ag) Seán ní b'fhearr a fhios ná a dhul i mbealach a bhascha = bhí fios ní

b'fhearr aige ná … / Dúirt Liam gur taidhbhse a bhí ann, ach bhí (ag) Colm ní b'fhearr a fhios. D'aithin sé capall an tincéara ar an toirt /[Ara cén chaint sin ort? Tá M. níos fearr a fhios ná sin. Ní chreidfinn go ndéanfadh sí a leithide de chleas / Shílfeá go mbeadh sagart ní b'fhearr a fhios ná a dhul ag scríobhadh síos scéalta gáirsiúla mar sin / Cá raibh sé ab ea? Cá bhfios (kā wus) dom (cá raibh sé) / Ara cá bhfios domsa ó bhonnaíochaí an diabhail, cáil sé imithe. Ná bí do mo shárú faoi]/ Ná habair tada. Níl a fhios go té sin (: gu t ′ ɛ̄; don té?). B'fhéidir go mbainfeadh an scéal sin caint amach fós = níl a fhios ag aonduine cén chaoi a rachadh sé chun dochair duit /[Ná corruigh é. Cá bhfios go té sin. B'fhéidir gurb iad na póilíos a chuirfeadh sé in do dhiaidh / Ná habruíodh duine tada faoi aonduine. Níl a fhios go té sin. B'fhéidir gur rud eicínt a bheadh le rádh fút féin / Seachain í. Cá bhfios go té sin. Crois Críost orainn, b'fhéidir gur eascainí a dhéanfadh sí ort? / Ná teirigh suas ag an damhsa sin anocht. Níl a fhios go té sin. Dhá mbeadh bléitheach ólta ag an ngrisc sin as L. ba bheag an tsuim a bheadh aca gléasadh buailte a thabhairt duit]/ Cá bhfios domsa céard a d'eirigh dhó = How would I know what happened him / Cá bhfios domsa céard a dhéanfas tú. Tá: má chaill tú é, déanamh dhá uireasa / Cá bhfios céard a rinne sé leis. Níl rud dhá leagann sé láimh air nach mar sin a imíos / Ingan fhios a rinne sé é = faoi rún; gan aon-duine dhá fheiceál / Inganfhios don dlí is cóir a bheith ann /[Bhíodh poitín dhá dhéanamh inganfhios agus i gcoimhfhios an tráth sin = faoi rún agus as coinne chuile dhuine]/ Tá sé ag goid i gcoimhfhios anois, ní airím i nganfhios / Ní dhéanfaidh mé i gcoimhfhios ná inganfhios é = chor ar bith / Níl ól le fáil inganfhios na i gcoimhfhios ann. Teach suarach anois é / Tá fios a cheirde aige = tá sé i riocht a chuid oibre a dhéanamh /[An bhfuil fios do cheirde agad fós? = an bhfuil do cheird fólaimta agad fós? / Ba cheart duit fios do cheirde a bheith agad feasta / Níl fios an bhealaigh go dtí an teach agam = eolas an bhealaigh / Mara bhfuil fios an bhealaigh agad, gabhfaidh mise ag déanamh treóir duit]/ Is duine é nach bhfuil fios a bhealaigh aige = tá sé mí-mhúinte, mí-chuibhiúil; ní hiad na rudaí cearta, nó na rudaí deagh-bhéasacha a níos sé /[Dhá mbeadh fios a bealaigh aice, ní

scath leith ar asal a ghabhfadh sí. Ní den chuibhiúlacht rud mar sin a dhéanamh / Is dream iad sin nach raibh fios a mbealaigh ariamh aca: ag sciotráil gháirí faoin gcorp. Is deas an chaoi é sin]/ Is fear é a bhfuil fios a ghnatha aige = tá a fhios aige cén chaoi len a chuid oibre, nó le ceann oibre áirid a dhéanamh / Mara bhfuil fios do ghnatha agad fhéin feasta coichín, tá sé fánach agamsa a dhul dhá innseacht duit /[Breá nach mbeadh fios do ghnatha agad thairis sin. A dhul ag tabhairt tairní cruithe capaill leat nuair a bhí agad táirní cruithe bróg a thabhairt leat. Tá tú in do cheann ar bior / Deirimse leatsa go bhfuil fios a ghnatha aige siúd. Tá sé indon uibheachaí a dhíol ar an margadh cho maith le bean ar bith]/ Dhá mbeadh fios ar a leas ag duine, sí a dhéanfadh sé = dhá mbeadh fios a leasa ag duine / Níl duine ar bith nach hí a leas a dhéanfadh dhá mbeadh a fhios aige é. Ach sin é an buille. Ní bhíonn fios a leasa ag duine / Bhí agad a theacht agus a fhiosacht (: ?fios agad) duit go raibh mise annseo liom féin /[Níor cheart duit na beithigh a chur san ngarraí sin agus a fhiosacht duit nachar cuireadh ann i mbliana iad / Ba bheag a bhí le déanamh agad ól a thabhairt dó sin agus a fhiosacht duit nach dtiúrfadh sé fhéin deoir do dhiaúlach]/ Tá sé an -fhiosach = an-fhiorsach (fiosrach: malrait r agus s) = teastuíonn chuile fhios uaidh = is mian leis gach sceal a fháil amach (fiosach is mó adeirtear. Ach deirtear fiosrach scaití) / Nach fiosach an mhaise de do leithide de phiodarlann é. Céard a bhaineann sé dhuit céard a bhí mé a dhéanamh ann / Ní fhaca mise aon-fhear ariamh is fiosaí ná M. N. "An bhfuil na fataí lánuithe agad?" "Cé mhead sleán móna bainte agad?" "Ar chuir muinntir T. Mh. mórán feamainn tirm amach?" … /[Is gránna an rud a bheith cho fiosach sin. Tá tú treannach ar shean-bhean, tá sin]/ Tá sí sin go fiorsach ag tarraint scéalta / Má tháinig sé an bealach seo ní feasach mise é. = níl a fhios agamsa é / Buaileadh é, ar buaileadh? Ní feasach dom é a mh'anam /[Tá sé tinn, adeir tú. Ní feasach mé go bhfuil muis = ní heólas dom / Ní feasach mé go bhfuil faoi aon-teach nuadh a dhéanamh.]/ Bhí sé i Sasana ab ea? Ní feasac liom é (: ní feasach dom é, ní feasach mé é. Deirtear na trí rud, ach

ní go minic a chloisfeá: "ní feasach liom". Measaim gur sórt truailliú é. "Feasach" agus ní "feas" adeirtear i gcomhnaí) / An feasach thú go raibh muid annseo aréir do do thóraíocht? / Ní feasach do Sheán cáil an mac agus is rí-chuma leis. Cúl le abhras a thugas sé air i gcomhnaí /[Síleann tusa gur féidir a dhéanamh. Ní feasach mise gur féidir. Ach ar a fhéachaint a bheidh a fhios é]/ Ní feasach mé san domhan brách cár cuireadh an sean-chorrán a bhíodh agam annsin anuiridh / [Feic fios tuille

Fáinne: Ainm Fhocal: Fireann; (Uimhir Iolraidh: fáinní) = fonnsa nó buinne cruinn; luan; "garraí" solais; bánú lae; tiomchuairt; turas timpeall; lúba
Fáinneóg: Ainmfhocal; Buineann = tosach cruinn nó leathchruinn an ghluaisteáin etc.
Fáinneóir: an té a chuireas fáinní i muca nó a leithide.
Fáinneóireacht: Fáinneáil: Ainm Bhriathar; Ainmfhocal Buineann [deirtear bháinneáil, "bháinneóireacht", agus "máinneáil" leis go minic] = ag imeacht ag fánóireacht, ag fánadóireacht, ag fálróid nó ag guairdeall timpeall ag forcamhás ar rud, ag súdaireacht nó ag faire ar dheis, nó ag spreallaireacht gan aon-bhuille oibre, nó a leithide.
Fáinneach: Aidiacht as fáinne = troillseánach nó in a lúba (faoin ngruaig amháin)
Fáinniú: Briathar = "fáir" nó bánú an lae; an bhán-shoillse ag cruthú.

Sin é m'fháinne pósta / Chuaigh sé isteach ag ceannacht an fháinne pósta / Is gearr go gcuire sé fáinne ar bhean eicínt / Tá fáinne cumainn aige uirre = fáinne a thiúrfadh fear do bhean nó a mhalrait in omós grádh; láimh agus focal /[Tá fáinne cumainn aige uirre / Thug sí fáinne cumainn dó le go gcuimneódh sé uirrese dhá dtigeadh sé ar ais go bráth]/ Bíonn fáinne ar speil, ar choiléar crann báid, ar chois píopa, ar phíopa uisce etc. / Cuirtear fáinní i muca len a gcoinneál ó thochailt / Dhá mbeadh teine Dhia (aodh) ar dhuine cuimlíthear fáinne óir dhó len a leigheas / Leigheasfadh fáinne óir a phósfadh ceathar an achma ruadh / Fáinne óir ort! = (i) le buíochas = go raibh maith agad = togha fir. (ii) nar laga Dia thú; mo chuach thú = nuair a níos duine gníomh maith ag bualadh báire nó cúig thráthúil a thógáil i gcártaí .i. cuileata a bhualadh le cíonán, duine nach dteastódh uaidh ach cúig le cluiche a dhéanamh

ag ionntú rí nó haon (agus cúig orra) etc. /[Fuair tú dhom é. Fáinne óir ort! / Ní bheadh aon-feaig agad? Sín chugam ceann … Fáinne óir ort a mhic ó / Thug tú an sceach glan-eascarha ón bhfréimh leat! Fáinne óir ort! Bheadh ciall in do leithide]/ Fáinne óir ort a Bhreathnaigh! Is deas gasta a d'eirigh an góraí sin leat! = duine ag breathnú ar chluiche peile /[Fáinne óir ort a Churraoinigh! Nar lagtar do láimh! Is tú atá deas air, bail ó Dhia ort! = le fear ag imirt báire binne]/ Ná leig ón méir anois é. Ionntuigh é a fhleascaigh … fáinne óir ort! Tá muid fhéin cluiche = d'ionntuigh sé an chúig / Th'anam ón riabhach é mar scéal, cáil do chíonán? … Fáinne óir ort! Ní raibh tú ariamh gan an choinneal nó a hábhar. Bhí tú tráthúil leis an gcíonán an uair sin ar chaoi ar bith /[Tá sac-ghadhair fút ar chaoi ar bith. Níor chumaoin dóibh a dhul i mbárr do chúig ort — cúig do láimhe dhéanta agus eile. B'fhéidir go gcaithfeá rud eicínt asta (.i. go mbeadh mámh eicínt in do láimh chártaí)] … Fáinne óir ort! Mo chuach annsin thú! Tá Bainríon Hairt in a lionnán agad, ach dar príosta d'fhóin sí dhuit an babhta sin. / Bhreathnuigh sí thrí fháinne na feiceála agus chonnaic sí dubhachan na gcéata ag déanamh uirre i bhfad uaithe agus ní ingar di = sórt gloine eicínt; spy-glass nó telescope is cosúil [níor chuala mé é ach i scéalta Fiannaíochta] / [Chuaigh Inín an Rí suas go dtí an fhuinneóig ab airde san gcais-leán agus d'fhéach sí i bhfáinne na feiceála agus chonnaic sí an Gruagach ag teacht agus naoi n-iomairí agus naoi n-eitrí aige is gach coisméig, agus chúig ghleann is gach truslóig]/ Tá gamhain ann sin agam agus chuirfeá amach i bhfáinne é = tá sé an-tsuaite, an-tugha uaidh [is cosúil go moltaí an bhean a mbíodh an com seang aice a ghabhfadh thrí fháinne san sean-reacht. Is minic i gceist in amhráin é: "com caol cailce thríd fháinne ag léimneach" etc.) /[Chuirfeá J. Mh. amach i bhfáinne anois de bharr an airm. Deir sé nach bhfághadh sé leath a dhíol len ithe ann. Ba dhiabhaltaí an rampaire é shul a ndeacha sé isteach / Bhí sí sin in a beitheach cho tóighe agus d'fheicfeá in do shiúl ionsaí nuair a cheannuigh sé in a gamhain í, ach chuirfeá amach i bhfáinne anois í. Níl bior eanga uirre. Is beag an dochar di: cuibhrithe sna breaclachaí siúd

ó a tháinig an geimhreadh agus gan aon-ghabhail a chaitheamh ariamh aice. Go deimhin ba chóir dhó náire a bheith air, amhgar a thabhairt do bheitheach ar bith mar siúd]/ Déanann siad fáinne féir thoir ann, agus cuireann siad na gasúir ag troid = cumraíocht fáinne a dhéanamh san talamh le maide nó láighe, agus na gasúir a dhul isteach ann; ní thuigim cén bhaint atá aige le "féar" maran abairt shamhailteach a bhí ann ó thús. Nítear fáinní féir i móinéir agus in iothlainneachaí / Déan fáinne féir dóibh go dteighe siad ag caraíocht /[Rinne muid fhéin fáinne féir do'n bheirt agus thosuigh siad ag pliunncadh (pleanncadh?) a chéile. Tabhair pliunncadh air! Má sea fhéin, ní raibh goir ná gaobhar ag an mbleitheach mór ar Th.]/ Dhá gcaithtéa cloch san bhfarraige dhéanfadh sí fáinní = cineál sciotar uisce nó lonnaí a theagas san uisce. Bíonn siad ag leathnú amach /[Tá fáinní ar an uisce. Bradán atá ann leis an lonnadh sin / Thuit an breac den dubhán orm síos san bpoll aríst. Ní raibh an oiread caraois ariamh orm len a raibh orm ag breathnú air ag déanamh fáinní ar bharr an uisce / Bhí sé ag gearradh fáinní le olc = ag gearradh bogha = duine a mbeadh an-fhearg nó an-chuthach air]/ Bhíodh sé ag glaomaireacht agus ag gearradh fáinní soir annseo ag iarraidh achrainn, ach fuair sé lán a chruite dhó (dhe) faoi dheireadh /[Ara a dheárthair mo chroí thú, dhá bhfeictheá é! Ag gearradh fáinní agus dhá shníomh fhéin, agus ag iarraidh fear ar bith dhá raibh ann amach ar "fair play". Ara ag magadh faoi a bhí muid]/ Bhí sé ag gearradh fáinní ar fud an tí aríst anocht. Taghd eicínt a cuireadh air inniu. Changlódh sé fóthannán fireann le díocas oilc / Ní bhíonn aonach ar bith anois ann nach mbíonn sé ag gearradh fáinní agus ag ollmhachan achrainn. [Is cosúil go bhfuil an-mheas fir aige air fhéin. M'anam muise go gcasfar duine eicínt dhó a chuirfeas gráin aige ar an obair sin]/ Chuir mé an Tamhnach uilig i bhfáinne inniu, dhá dtóraíocht, ach chinn orm a bhfáil. Imithe atá siad (caoirigh) = siúl timpeall na tamhnaí i bhfáinne; an tamhnach a thóraíocht go baileach /[Dhá gcuirtheá an baile fré chéile i bhfáinne anois, ní bhfuightheá aon-gharraí i gcomhair fataí is fhearr ná Garraí Dh. Fh. sin aghamsa]/ Chuir muid an loch i bhfáinne cupla uair = siúl timpeall uirre / Trí huaire a chuireas siad (: na capaill) an cúrsa i bhfáinne

san Rása mór i mBaile an Bhriota. / Chuaigh mé siar an bealach seo agus aniar ó thuaidh agus anoir abhaile aríst. Ní raibh mé taobh le céad míle an lá sin. Bhí Conamara i bhfáinne uilig agam. / Cé hé an naomh sin a bhfuil an fáinne solais ar a cheann? = luan / Deir siad gur facthas an Mhaighdean Ghlórmhar ann — moladh go deó léithe — agus fáinne solais ar a cloigeann / Tá fáinne ar an ngealaigh anocht agus í an-ghreadhnach. Is gearr uaith tuairt (bháistí) = "garraí" /[Ní fhaca mé fáinne na gealaí ariamh cho follasach agus atá sé anocht. Tá sinseáil eicínt air]/ Madadh crón é, agus fáinne bán faoin a mhuineál = dath bán ar an bhfíonnach timpeall a mhuiníl /[Níl aon-fháinne bán san madadh a chonnaic mise, ach tá briseadh bán in a dhruim / Cé leis an cut dubh sin a bhfuil an fáinne bán ann (: timpeall a mhuiníl). Tá sé taithí ar an tsráid seo le seachtain. Dhá bhfagh -ainnse leigean air, ní thiúrfadh a chosa fhéin abhaile é in mo dhiaidh / Gadhar gliobach fainne bán atá ag A. Tá an-mhéid ann. = madadh é a bhfuil fáinne bán timpeall a mhuiníl /[Tá druimfhionn bhán i mbó Mh. Mh agus fáinne bán faoin a muineál agus sórt scead inte. Is furasta aithinte í. Ní hí a bhí ag fálróid ar an mbóithrín annsin inniu. / Tá an fáinne bán ag dul soir = tá sé ag tarraint ar an lá]/ Teigheann an fáinne bán soir ón áit a dteigheann an ghrian faoi go dtí an áit a n-eiríonn sí. Ní fhágann sé an spéir chor ar bith oícheannta samhraidh = an ghile a bhíos ó thuaidh san spéir / Is gearr go mbeidh an fáinne bán thoir. Ní bheidh moill ar bith ar an mainneachan anois / Tá sé in am a dhul abhaile. Feacha an fáinne bán ar an aer. Bheadh sé th'éis an ceathair a chlog /[Ní raibh ach an fáinne bán thoir san am ar eirigh mé. Ach bhí aithne lae in a dheidh sin air / Ar an dá luath agus a raibh an fáinne bán len aithneachtáil chor ar bith, d'imigh muid. Níor tháinig sé in a lá orainn nó go raibh muid i ngleann Bh. / Tá fáinní in a cúl sin = lúba gruaige; troisleáin; bachaill ghruaige / Sin í cúl na bhfáinní ar chuma ar bith / Bíonn a cuid gruaige in a fáinní aice i gcomh-naí. / Is ait an fáinneóir é = fear maith ag cur fáinní i muca / Meastú cén áit a bhfuighinn fáinneóir maith. Chinn an chráin orm fhéin. Ní raibh aonduine agam len a coinneál dom ar aon-chor /

Briseadh fáinneóig an bhus annsin thiar in áit ar bhuail sé faoin gclaidhe = tugtar ar an tosach amach ar fad é ón ngualainn; go háirid an "bonnet" /[Níl aon-áit duine san gcarr mara suidheadh muid ar ar an bhfáinneóig. / D'árduigh sé an fháinneóig agus chuaigh sé ag plé léithe ar feadh scathamh, ach chinn air a cur i dtiúin / Ní raibh aon-cheo air ach go raibh an fháinneóig uilig sníofa, ach chreidim nachar bheag dó a dhonacht. Ba mhaith a chuaigh siad as nar maruíodh ar fad iad, 'sábhála Dia sinn / Bhí maingíní agus bagáistí aige is chuile áit ar an gcarr, más amuigh ar an bhfáinneóig fhéin é. Tá mé ag ceapadh gur beag a d'fhága sé in a dhiaidh ag an teach chor ar bith agus an chaoi a raibh an carr foirghe.]/ An bus a chuaigh siar an oíche cheana — bus nua — tá an fháinneóig atá uirre dhá leithead na mbusannaí eile sin. Ní mór di siúd bóthar ar chaoi ar bith. / Bhí fear in a shuí thuas ar fháinneóig an "lorry" agus greim aige ar an gcruib. Dar fiadh ba chontúirteach an áit a raibh sé. Is fada go suidhinn ann. B'fhearr liom míle uair é a shiúl ná a bheith ar an strapa sin / Tá an lá ag fáinniú = tá an fáinne bán ann. [Nuair a chuirtear "lá" san gcaint fáinniú nó fáinneachan adeirtear agus ní fáinne. Ní abruíthear "fáinne" ach leis an "bhfáinne bán", fáinne na fuiseóige] / Tá sé in a fháinniú (in a fháinneachan) lae = bánadh lae = an bán-shoillse ag teacht / Caithfidh mé eirí le fáinniú lae amáireach agus a dhul indiaidh coiníní. Tá foghail déanta aca san ngeamhar sin thuas / Bíonn sé ina shuí le fáinniú lae chuile mhaidin /[Bhí sé in a fháinniú an lae ghléigil nuair a tháinig mé abhaile / "Eireóidh mé amáireach le fáinniú an lae ghléigil, agus tiúrfaidh mé an chuairt siúd amach go barr sléibhte" [tús amhráin] / Tá sé ag fáinniú lae measaim / Ag fáinniú lae a bhí sé, nuair a thuit mé in mo chodladh / Ní cheapfainn go bhfuil sé ag fáinniú lae fós / Ó a d'fhan tú cho fada seo, níl aon-ghnatha agad imeacht nó go bhfáinnighe (an) lá. / Ní bheidh moill ar bith ar an lá anois, nó go bhfáinnighe sé / Imeóidh mé ach a bhfáinnighe lá]/ Tá sé againn ó d'fháinnigh an lá. Chuir sé in ar suí muid / Níor stop an damsa nó gur fháinnigh lá / Fáinníonn sé (an lá) taca an ceathair a chlog anois. 'Ar ndú' céard tá lá Fhéil San Seáin ach seachtain eile / Ní fiú dhuinn corraí anois go

fóilleach beag. Fáinneóidh lá faoi cheann ala an chloig / Dhá bhféadadh sibh fanacht go bhfáinníodh an lá fhéin, ach chreidim dheamhan goir agaibh air / Chaitheadh muid a bheith amuigh leis an réalt an t-am sin. Is minic a chonnaic mé an lá ag fáinniú agus mé ag baint fhátaí tigh Mh. M'anam gur minic a bhí ceathair nó cúig de shúileogaí bainte agam roimh mo bhricfeasta. Nar bh'olc an saol é sin! / Níl ann ach eirí le fáinne na fuiseóige = le giolcadh na fuiseóige / Bhí sé in a shuí le fáinne na fuiseóige nó roimhe /[Meastú a ngabhfainnse ar páighe aige-sin. Gabhfadh muise! Le bheith in mo shuí le fáinne na fuiseóige. Ba deas í mo cheird / B'fhéidir go mbuailfeá fhéin faoi chúilionn fáinneach eicínt a mbeadh a cuid gruaige in a fháinní aice]/ Is deas fáinneach atá a cúl cóirithe aice hébrí cé hí fhéin / Níl a fhios agam a mbeidh a cuid gruaige cho fáinneach siúd aice nuair a bhéas sí scathamh i S. Gh. Bainfear obair aiste annsin. Dar fia is dona an mhalrait aice é, agus an cháil airgid atá uirre, a dhul ag pósadh isteach ar an mbaile sin / Chonnaic mé madadh T. Mh. ag imeacht ag fainneoireacht (fáinneáil; a' mháinneáil, a' máinneáil) annsin taobh thoir ó mhaidin. Shílfeá gur ag forcamhás ar rud eicínt a bhí sé marab ar na cearca é. Ní bheadh lá íontais orm dhá mbeadh sé ag ithe uibheachaí = ag guairdeall thart ag fairiú; ag dul timpeall (tí, etc) mar a bheadh sé i gcearcall /[Leigeadh sé dhá chuid fáinneáil timpeall an tí seo má tá a leas ar Dhia. Ní éistfear leis anois thar agus ariamh. Más maith leis ól a dhéanamh iompruíodh sé é / Chaith sé an-fhada ag mháinneáil ar an tsráid sul a ndeacha sé isteach / Dheamhan buille ar bith a níos sé sin ach ag máinneáil timpeall an bhaile ag coinneál chuile duine eile ó obair / Sén áit a bhfeicfeá anois chuile Shatharn é ag fáinneóireacht ar mhargadh na mbanbh ag tnuthán go gcaithfeadh duine eicínt pionnta aige. Is suarach an tslí do dhuine ar bith a bheith ar a cheird]/ Feicim an-mháinneáil ag an gcut sin soir ag an gcró. Diabhal easna dhó, nó airíonn sé luch ann / Tá an t-asal seo amuigh ag fáinneóireacht aríst, th'éis a bhfuil de cheangal air. Droch-rath go deó air! Ní choinneóidh aon-gharraí san tír é = ag dul thart le na claidheachaí ag súil go bhfaigheadh sé deis nó bealach amach in áit eicínt. /

Ní thiúrfadh sé fios a aoise d'aonduine = cén aois é /[Ní bhfuightheá fios a bhealaigh amach go deó = ní bheadh a fhios agad cén bealach atá leis, nó cén sórt méin nó intinn atá aige]/ Níl fios a thréartha (a cháilíocht, a intinne etc.) sin ag aonduine. Tá sé an-dúnárasach = ní leigeann sé a intinn, a rún etc. le aonduine / Do dhúshlán fagh fios air sin = I bet you anything you wont find out that / Níl fios a chúrsaí sin ag aonduine ach aige féin = na rudaí a bhaineas dó; a knowledge of his affairs; nobody knows his business /[Níl fios ar a chuid airgid agamsa = níl a fhios agam cén t-airgead atá aige]/ Tháinig sé, ach ní raibh fios an ama aige = ní raibh a fhios aige cén t-am é /[Ní raibh fios a báis agam nuair gur chuala mé ó Ch. annsin thoir é = ní raibh a fhios agam go raibh sí básuithe]/ Ba é T. an chéad duine a tháinig agus fios na troda aige = scéal na troda; scéala faoin troid / Tá sí ainfhiosach (béim na cainte ar ain. Ach deirtear an cho maith céanna agus béim na cainte air) = aineólach; ignorant / Nach tú atá ainfhiosach a dhul ag rádh rud den tsórt sin i láthair comhluadair agus gan fiús "i gcead e (don) chomhlódar" a rádh / Ní bhfuair fios a ainmne nó a shloinne [d'fhiafruigh sé fios m'ainme dhom, ach níor thug mé aon-fhios dó air (faoi) / B'fhéidir go bhfuil sin amhlaidh, ach ní feasach mé air má tá = níl a fhios agamsa é]/ Thiocfadh dhó an ceart a bheith aige ach ní feasach mé air. Is iomdha rud a d'fhéadfaí a dhéanamh ingan fhios domsa /.

Féar: Ainmfhocal Fireann = fás ar an talamh.

Féarach: Talamh féir a chíosú le daoine i riocht agus go gcuirfidís eallach ann achar áirid.

Féarlach: féar láidir uaibhreach a bhíos ar thorlaigh, san áit a bhíos faoi uisce san ngeimhreadh. [Tá féarach agus féarlach fireann]

Féarmhar: Aidiacht as féar = a bheith faoi fhéar; a lán féir a bheith ann

Fóthar: fóthair: Ainmfhocal (fc. na somplaí).

Tá féar in a luighe ann = tá féar sínte ann / Tá fásach féir ann = féar a ngabhfá go básta ann / Tá na beithigh ag dul go glúine i bhféar ann, agus ní mian leo fanacht ann in a dheidh sin / Níl ann ach geamhar beag féir = giomannach beag féir / Níl ann ach bun-fhéar = féar nach mbeadh morán airde ann i móinéar a bheadh le spealadh / Théis gur cuireadh múirín air, níl ann ach bunfhéar / Dheamhan téagar (brí, a rath etc.) féir a bhí san ngarraí sin / Tá siad leis an bhféar inniu = dhá bhaint nó dhá shábháil /['Le féar atá S. inniu? / Tá mé ag brath air an garraí sin a leigean amach 'un féir i mbliana = é a choisint le haghaidh féir tirm / Tá fás breá faoin bhféar ar an aimsir seo = tá sé ag fás go breá = tá teacht suas faoin bhféar]/ Tá sé ag leigean amach an fhéir [fc. leig) / Gabhfaidh mé ag baint fhéir sílim / Tá sé ag baint an fhéir as a bhuille [fc. buille] / "Tá féar fada agus fásach i ngleánntán álainn i bhfad ó bhaile" ["Cuaichín Ghleann Éifinn"] / Tá sé ag cur féir ón a chosa = ag siúl go tréan / Siúd é an fear atá indan an féar a chur ón a chosa bail ó Dhia air = siúl go maith sciobha / Ní bhainfeadh sé an drúcht den fhéar, siúileann sé cho réidh (mín, mion etc.) sin / [Shiúilfeadh sé cho mín agus nach mbainfeadh sé an drúcht den fhéar len a chosa / Faghann na ba bás an fhad's' bhíos an féar ag fás = caillteart daoine leis an amhgar cho uain agus a bhíos siad ag fanacht le cabhair, go bhfagha a gclann postaí, go dteaga a gclann in éifeacht, go mbeidh a gcuid eallaigh, a gcuid barr etc. in alt a ndíolta agus rl. / Cén uair a bhéas na muca sin le díol má fhágann Dia againn iad? Faoi Shamhain seo chugainn. Céard a thóigfeas na daoine idir dhá am … Faghann na ba bás an fhad agus a bhíos an féar ag fás / Tá moill ar mhóin shul a mbeidh sí le díol. Faghann na ba bás an fhad agus a bhíos an féar ag fás. Mara dteighe an uair ar thriomach thairis seo dheamhan

fód móna a bhéas in alt a díolta go bhfeice tú achar]/ Tá dhá bhliain eile uirre siúd san gColáiste. Dhá mbeadh sí in a máistreás bheadh sí indon deóladh a choinneál leis an athair agus leis an máthair. Dheamhan slí ó Fhlaithis Dé aca. Ach faghann na ba bás an fhad agus a bhíos an féar ag fás / Ní fheicim ar foth ná ar féar é; níl sé le fáil ar foth ná ar féar etc. (Fc. foth, futh) / Níor fhás mórán féir faoi mo chosa nó go ndeacha mé siar chuige = rinne mé deifir ag dul chuige (le turas nó aistir) /[Ní fhásfaidh mórán féir faoin a cosa nó go n-innsighe sí an scéal sin do dhuine eicínt eile = duine a bhíos beó phianta go dteighe sé ag caint faoi scéal eicínt / Dar fia muis d'innis tú do rún don fhear cheart. Ní leigfidh sé sin do mhórán féir fás faoin a chosa, go gcuire sé seoladh faoi. Ní chasfadh duine ar bith leat is craobhscaoiltí]/ Imigh anois, agus ná tabhair cead don fhéar fás faoi do chosa go dteighe tú ann, agus go ndeire tú leis a theacht / Sin é an fear nach leigfidh don fhéar fás faoin a chosa ag dul in a ghnatha dhó. Mo léan géar! Ní bleid a bhéas buailte aige ar chuile fhear ar an mbóthar / Tá tú cho bréagach leis an bhfear adúirt go bhfaca sé an féar ag fás = is bréagadóir crónta thú /[Ara ná géill do J. Tá sé sin cho bréagach leis an bhfear adúirt go bhfaca sé an féar ag fás. Nachar dhúirt sé liom fhéin an lá faoi dheireadh gurb é an áit a bhfuil an mac ag obair anois ag déanamh céibheannaí inDúiche Sheóigeach. Diabhal mé gur chreid mé é, agus go ndeacha mé dhá innseacht san mbaile aríst. Rinne siad ballséire dhíom. Céibheannaí inDúiche Sheoigeach!]/ Is bréagaí thú ná an fear adúirt go bhfaca sé an féar ag fás. Cén tsamhaoine dhuit an chumadóireacht sin? Breá nach n-eireochthá aiste / Tán ghrian ag dul siar agus níl an féar dhá shábháil = tá an t-am dhá chaitheamh agus gan an mhaith dhá dhéanamh / Seogaí a scraistí! Eirigí feasta ag obair! Tán ghrian ag dul siar agus gan an féar dhá shábháil / [Seo! Tá muid sách fada ar an gcocaireacht seo. Más leat a tabhairt dom, tá sé in am agad fios a bheith agad air feasta. Tán ghrian ag dul siar agus gan an fhéar dhá shábháil / Níl ag Nóra se'againne anois ach bliain eile le dhul isteach ar an "Preparatory" (Examination). Agus níl sí ag breathnú ar leabhar ná ar pháipéar. Tán ghrian ag dul siar agus gan an féar dhá shábháilt / Bhí sruth agus féar leo an fhad agus a bhí siad ar an

mbaile seo = deirtear seo amanntaí in áit: "sruth agus gaoth" / Sé an fear is cantalaí é a shiúil féar ariamh = sé an fear is cantalaí é a shiúil talamh ná féar = sén fear is cantalaí beó é / Níor shiúil sé talamh ná féar aon-mhac is míádhasaí ná P. má bhíonn aon-deóir caite aige. Bíonn coinneal in a shúile nó go n-aimsighe sé duine eicínt /[Níl aon-lá dar shiúil mé talamh agus féar nachar chuala mé gurb é a athair sin a mharuigh C. Th. / Níl aon-fhear ag siúl talamh ná féar indon aige sin. Tá mise dhá rádh leat / Is beag fear a shiúil féar ba deaghchaintí ná a athair sin. Chaithfeadh sé laetheantaí fada na Féile San Seáin ag nathaíocht agus gan iadhadh a theacht ar a bhéal / Níor shiúil sé talamh ná féar an té a d'fhéadfadh aon-cheo a chasadh liomsa ná le aon-dhuine dhá mbaineann liom faoi chneamhaireacht / Níl sé ag siúl talamh ná féar aon-bhean is lághaí shúbhailcí ná í sin]/ Fan beó a chapaill, agus gheobhaidh tú féar = deaghghealladh ach nach gcothóidh sé duine gan cur leis; geall rud do dhuine agus maireadh sé ar a rogha caoi uaidh sin amach; bíodh foighid agad agus ná fuasaoid d'easbaidh agus tiocfaidh gach rud ceart uair eicínt amach annseo / Tá tusa ar dhruim (ar mhuin) na muice, ach cén chaoi a mairfidh daoine eile. Fan beó a chapaill agus gheobhaidh tú féar! M'anam gur deas é do chómhrádh / Beidh an saol go maith fós ach foighid a bheith againn, adeir sé. Foighid! Fan beó a chapaill agus gheobhaidh tú féar! Níl a fhios aige sin cáil an bhróig ag luighe ar aonduine eile, agus is rí-chuma leis /[Fiafraím díot, cén chaoi a ndéanfaidh muinntir na háite seo an saol a ríochan, nó go ndéantar a bhfuil tusa a rádh. Fan beó a chapaill agus gheobhaidh tú féar, ab ea. Mar a chéile sib ó sháil go rínn. Tá sibse cho dona le dream ar bith eile / Sin é an slíomadóir is measa a shiúil talamh ná féar]/ Fáilte na gé romhat ón bhféar go dtí an t-uisce = fáilte a chuirtear roimh dhaoine scaití (fáilte mhaith í) / Do mhíle fáilte a mhic ó, agus ní hé amháin. Fáilte na gé romhat ón bhféar go dtí an t-uisce! / Ná bac le fáilte! Chuir sé fáilte na gé rómham ón bhféar go dtí an t-uisce. / Féar indiaidh féir atá ann = ath-fhéar = ath-bharr = leigean d'fhéar fás in áit ar baineadh féar ar mhóinéar / D'imigh an diabhal orra má tá siad gránuithe ar an ngarraí sin

agus féar indiaidh féir aca ann. / Shílfeá go bhfuil ath-fhéar annseo istigh agad. Diabhal mé má mhaireann dó sin, gur gearr go bhféada tú a spealadh! / Is olc é an t-ath-fhéar sin ag gamhna beaga. Tá sé an-cheas-úil agus dúineann sé a ngoile / Ní raibh rath ná ríocht ar bheithigh inniu (ag an aonach). Mara bhfeabhsuighe siad amach annseo idtús féir! = le teacht an fhéir = deireadh an Mhárta agus an t-Aibreán /[Ná leig na beithigh isteach annsin go tús féir indeireadh an Earraigh / Níl seamaide féir ar bith ag teacht fós = ag fás / Tháinig féar i bhfad roimhe seo anuiridh = d'fhás sé]/ Tá féar dhá bhó aige mar atá againn ar fad = an oiread talúna agus a thóigfeadh dhá bhó, idteannta a mbeadh de laoghanntaí aca, nó go mbeidís i gcruth a ndíolta; tuairim agus leath-ghabhaltas mar a chomhairfí é i gConamara nó i gCois Fharraige go háirid / Thug an bhó sracadh féir léithe / Uchtóg fhéir, bréidín féir, scuabán féir, gabhail fhéir etc. (fc. na focla sin) / Tá táirne féir i speal (fc. táirne) / Cuirfidh mé an píce féir thríot (fc. píce) / Is iomdha caoi a gcuirtear síos ar fhéar nó a dtugtar a cháilíocht i gceist: féar glúiníní, féar luibheannach, féar tirm, féar corráin, féar boilgíneach, féar ascalla, fear ainleoige, féar speile, féar clascannaí etc. / Tá go leór féar clascannaí ann = an féar a bheadh ar chlascannaí srotha nó ar lag-chlascannaí nach bhféadfaí a bhaint le speal i móinéar; an féar a bhíos i gclascannaí na bhfataí / Bhí mé ag baint féar corráin inniu = féar ascalla = féar nach bhféadfadh an speal a bhaint = féar clascannaí nó an féar a bhíos buailte ar na claidheachaí (: féar ascalla) nó ar leachtaí, nó i gcaracáin /[Caithfidh mé a dhul ag baint féar ascalla = an féar a bhíos i gcúinní agus le claidheachaí. Le corrán a bhaintear é / Féar ainleóige, féar airgead luachra etc. = bheadh go leór ainleóige agus airgead luachra etc. fé seach sna cineálachaí féir seo]/ Féar speile = an féar atá in araíocht ag speal a bhaint; Féar mhóinéir /[Níl mórán féar speile agam i mbliana = níl mórán féar móinéir agam / Tá neart féar tirm aige = an fear ó a bhíos sé bainte nó sábháilte; ar a chois a bhíos sé roimhe sin / Níl gionnóid féar tirm de bhláth bliana agam]/ Caithfidh mé a ndíol th'éis mo dhíchill ó thárla nach bhfuil féar tirm ná farae agam dóibh (beithigh) / An bhfuil féar tirm ag dul a rath anois? / Mara dtogruighe tú a chaitheamh

(: tuitín), cuir in do phóca é. Is féar tirm duit fhéin é = déanfaidh sé leas duit uair eicínt eile /[Mara dtogruighe tú a gceannacht (: gamhna) fág do dhiaidh iad. Níl mise dhá dtiomaint ort chor ar bith a dhuine chroí. Is féar tirm dom fhéin iad = tá mé dearfa go ngabhfaidh siad chun sochair dom fhéin amach annseo, nó go ndéanfaidh mé fearasbar bantáiste orra / Dar diagaí ní scarfaidh mé leis an móin sin ar chúig phunt an leoraí. Is maith an féar tirm dom fhéin í. Gabhfaidh sí seacht nó hocht do phunt amach annseo san Earrach nuair a theannfas fuacht leo (le lucht éilithe móna) = is maith an éadáil dom fhéin í le coinneál / Is féar tirm do dhuine i gcomhnaí teach. Mara dteastuighe sé uaidh fhéin ní bheidh sé d'uireasa duine le dhul ann. = féadfaidh sé a leigean ar cíos]/ Cén chiall go gcuimhneóchthá amháin air? Do churach a leigean uait mar sin ar bheagán! Is maith an féar tirm duit fhéin í. Fan go hEarrach nó go dteastuighe leasú uait! Fórfaidh sí annsin. 'Ar ndú ní feamainn scine atá agad / Dar fia ná tabhair an píopa sin uait. Is féar tirm duit fhéin i gcomhnaí é. Má chailleann tú, nó má bhriseann tú an píopa eile sin, cén bhail a bhéas ort? Beidh: do mhéir a bheith in do bhéal agad. Tá píopaí in a n-ór anois / Níl aon-tsop féir ag gabhail liom nach bhfuil ar a chois fós = in a sheasamh gan baint / Tá an féar siar againne ar a chois fré na chéile. Bhí an iomarca chruadhóig mhóna ar dhaoine / Tá acra féir ar a chois fós aige = gan baint / Dhá dhonacht dhá bhfuil an bháisteach seo ag féar atá ar sraith is measa go fada é ag an bhféar atá ar a chois. An féar atá "in a luighe" lobhfaidh amlú anois é. Tá sé buille deireannach san mbliain / Rinne siad fáinne féir (fc. fáinne) / Níl féar ná fóthar (fóir freisin) agamsa i mbliana = níl féar ar bith agam (cuirtear "féar" agus "fóthar" i gcuingir mar seo) /[Tá an talamh cho spalpha i mbliana agus nach mbeidh féar ná fóthar ann mara bhfuil ag Dia. Níor buaileadh aon-deóir bháistí ar an talamh ó Lá Bealtaine / Tá féar agus fóthar aige sin, agus is beag an dochar dhó agus a gcuireann sé de mhúirín agus de leasú air. Thug sé suas le trí thonna amach as an bhfóidín i mbliana / Is furasta dhó féar agus fóthair a bheith aige, agus a bhfuil d'fhairsinge (talúna) aige. Ba bheag a bheadh aige, dhá mbeadh sé cho gann linne / Bíonn féar agus fóthar annsin mar is minleach ar fónamh é,

ní hé sin don spíontán bradach atá anuas annseo. An bhfeiceann tú an baile sin thiar. Dheamhan dhá sheamaide istigh ar a fhuaid. Go deimhin ní talamh féir atá ann]/ Is deacair dhó féar ná fóthair a bheith aige lá agus gur fhága sé an garraí sin thuas gan baint, nó gur lobh sé ar a chois. Sin é a chleas chuile bhliain: Ag imeacht ag cipiléar -acht, agus ag biorú claidheachaí nuair a bhí aige a ghnatha a dhéanamh / Tá tuitim feóir (fothair? Feóir adeirtear) ionam leis an ocras = tá mé i gcruth tuitim as mo sheasamh /[Thiomáil muid an dá chaora aniar romhainn, agus muid ag stríocáil na maidí ar an mbóthar le neart lagair. Ag teacht aniar ag tí Ph. Ph. ní raibh a sheasamh againn ní b'fhuide. "Gabhfaidh mise isteach annseo ag iarraidh cannda aráin", adeir S. Ní raibh mise indon a dhul isteach ann. Bhí tuitim feóir ionam leis an ocras. / Beatha go beó, nó an sagart! Tá tuitim feóir ionam leis an ocras / Sách rite a chuaigh sé liom a dhul an fhad sin fhéin, ní airím dhá mhíle eile a chur orm fhéin. Bhí tuitim feóir ionam leis an tuirse. Ní fearrde mé é, go ceann fada aríst]/ Bhí tuitim feóir ann ag an gcodladh. Is suarach an t-íonadh, agus a bhfuil de ragairne déanta aige le coicís / An bhfuil mórán síol fhéir curha agad i mbliana / Bíonn féar agus fóthair ar choinnleach choirce an Mhárta, adeir an Chailleach Bhéara. Sin í a raibh a fhios aice é! / Ní bheathuíonn an fhéar an phis = ní mór leasú a dhul ar phis (peas) seachas a cur ar an bhfód nó as an mbán; "love does not make the pot boil"; níl gnotha ag duine obair a thosuighe mara bhfuil teannadh ar a chúl aige, nó an oiread agus go mbeidh sé indon freastal do dhola na hoibre; "you cannot build on sand" / Cén áit a bpósfaidh sé. Dar fiadh muise má phósann, déanfaidh sé tíomhas! Gan ní dhár dhealbh an ghrian aige ach an bráicín sin. Ara chuala tú ariamh é ní bheathuíonn an féar an phis /[Níl aon-ghnatha ag duine ar bith bualadh faoi theach a dhéanamh, mara bhfuil riar eicínt airgid aige fhéin. Níl aon-ghoir aige air. Ní bheathuíonn an féar an phis. Bheadh duine go deas dhá gcaitheadh sé é a chaitheamh in aer, agus é leath-déanta aige. Ní mór do dhuine fios a bheith aige go bhfuil sé indon cailleadh leis, go bhfuil sin / Níl a fhios cén talamh atá socruithe aige l'aghaidh fataí agus gan aon-tsop leasú ag gabhail leis. B'fhéidir go gcuirfeadh sé

ar an bhfód iad. Cuireadh cheana, ach deir siad nach mbeathuíonn an féar an phis.]/ Is iomdha cineál féir ann: trismhínleach, aorthann, bréinleach, scéitheach, féar gliomach, féar siogán, féar gortach, féarlach etc. / Tá go leór féar siogáin ann ach sin é an méid = an féar beag scáinte a fhásas ar phúiríní siogáin (: seangáin) agus timpeall orra. D'fheicfeá ar chnocáin ingarrantaí é go minic / Ní íosfaidh bó ar bith an féar siogáin sin! Tá col aca leis. /[Dheamhan ceó ar fhuaid an gharraí ach mar bheadh féar siogáin ann: giomannach bheag bhídeach / D'fheicinnse an cnocán sin faoi fhéar siogáin ar fad roimhe seo, ach rómhruíodh ó shoin é agus tá a shliocht air / Níl tada siar le claidhe ach féar siogáin = féar beag crannda, (ach ní raibh aon-phúiríní siogáin ann, ach an cineál céanna féir agus a bhíos orra)]/ Tá na locháin siúd ar an íochtar faoi fhéar gliomach fré chéile = ní féar é dháiríre ach cineál feamainne a bhíos i locháin an chladaigh in áiteachaí; ribíní fada é ar dhéanamh féir, agus é mór go maith; dath bán a bhíos air; ní bhíonn aon-tsainnt ro-mhór ag lucht leasuithe ná ag ceilpeadóirí ann, ach cuirtear amach ar an talamh é, thríd fheam-ainn eile /[Diabhal a dhath síos in íochtar an chlochair ach féar gliomach. Tá sé sin go fairsing ann. Ní bhfuightheá boirdín asail d'fheamainn dubh ar an roinn ar fad / Cén mhaith dhuit a bheith de do mheath fhéin leis an bhféar gliomach sin. Is fhearr an fáisín bliana fhéin ná é sin. Fág i dtigh tubaiste annsin é. Faraor nach hé an barr-chuanla a chuaigh muid a bhaint]/ Is gearr go dteighthear síos anois ag leagan binne ar na torlaigh sin síos. Tá greadadh féarlaigh orra … Gheobhadh beithigh tomsacht orra ar fea an tsamhraidh / Dhá nochtadh an torlach sin ar chor ar bith — an abhainn ag traoitheadh — ní fhaca tú ariamh ach a mbeadh d'fhéarlach annsin faoi cheann coicíse. Ní bhíonn moill ar bith air ag fás. Bíonn sé leasuithe go maith ag rod na habhann. /[An áit sin ar fad a fheiceas tú sceite bíonn sé tirm san samhradh agus beithigh agus caoirigh ag an dá bhaile air. Tá binn agam fhéin air. Bíonn féarlach sach blasta air]/ Tá féar gortach thuas i mbarr an bhaile = cíb ar éigin = sórt féar beag gann gágach garbh a fhásas

ar mhótaí agus ar thuláin ar na barra garbha; glaoitear scaití ar fhéar a bheadh mar é é i móinéir nó in áit ar bith (ach ní thiúrfaí cíb ar éigin air san gcás sin); ní thugtar ar ocras é a bhuaileas duine amuigh; sliabh gortach é sin /[Tá na tuláin agus na mótaí siúd ar fad faoi fhéar gortach. Ní bhfuigheadh bó dhá phlaic ann. Má chuireann sib ann iad ní mór dóibh buicéid / Tá barr baile annseo againne muis agus is gearr le dhul é. Níl ann fré chéile ach féar gortach. Is fhearr aon-phóicín amháin istigh agaibhse le cruth a chur ar bheitheach ná a bhfuil de thalamh istigh ar na bailteachaí seo. Tá substaint san bhféar agaibhse]/ Ná bac len a bhfuil d'fhéar againne i mbliana! An dá phriobán sin thuas, agus gan orra sin fhéin ach féar gortach = bun-fhéar gann; ní cíb ar éigin / Tá féarach ceannuithe aige ó Mh. = talamh le beithigh a chur air = grazing /[Cé mhéad a thug tú ar an bhféarach i mbliana? / An gcuirtear caiple féarach ar bith go B. U. anois? / Theagadh an cuimse beithigh féarach amach annseo as Árainn fadó, ach dheamhan ceann ar bith anois / Bíonn an lá cáirde istigh lá Fheil' Mhuire na Féile Pádraig. Má bhíonn féarach agad caithfidh tú a fhágáil an lá sin / Sílim go gcuirfidh mé na cupla bulán sin ar féarach i mbliana]/ Ba cheart dó a cur (: an bhean) ar féarach tamall go bhfeiceadh sé leis = ní raibh an lánúin ag teacht le chéile ro-mhaith; tá sé i gceist go mbeadh sí ar a nádúr fhéin dhá mbeadh sí dealuithe uaidh-sean / Mise a d'íoc an féarach ar chaoi ar bith = mise a d'íoc san téiléaracht = pér bith cé a rinne an fhoghail mise a d'íoc ann / Thóig an inín gach agus a bhfuair sí sna siopaí ach an t-athair a d'íoc an féarach = he had to pay the piper / Dheamhan a fhios cé a bhuail é, ach ba é J. B. a fhobair an féarach a íoc. Chaith na póilíos trí lá in a éadan dhá cheisniú / Íocfaidh sé an féarach fós. Más feall fillfear, adeir siad = íocfaidh sé ann; bainfear díoltas dhe in a dhroch-ghníomh /[Níor thuill mise chor ar bith uaidh é, ach is mé a d'íoc an féarach in a dheidh sin / M'anam go bhfeicfidh tú nach mbeidh B. tada siar leis. Íocfaidh duine eicínt an féarach. Airgead na n-óinseach, adeir siad, a choinníos bróga ar bhean an phíobaire. Má chuaigh sí sin faoi chostas óil, bainfidh sí siar as duine eicínt eile é. Beidh sí gnóiteach leis, creid mise dhuit ann]/ Má bhriseann tú an ghloine sin, íocfaidh tú an féarach /

Féirín: Ainmfhocal, Fireann = bronntanas a thiúrfaí ó
aonach, ó shiopa, ón mbaile mór, chuig duine; brontanas beag ar bith; les etrennes; éadáil, ailím

"Fuair mé féirín lá aenaigh ó bhuachaillín deas
Agus céad póg an lá 'na dhéidh sin ó phlúr na bhfear … "
"I got a fairin' one fair-day from a handsome young man
an' twenty bright kisses from my own darlin' John" [An Droigh-
neán Donn] / Tháinig tú abhaile agus gan féirín ar bith agad do na
gasúir / Cén féirín Nollag a fuair tú? /[An bhfeiceann tú an féirín
a thug sí dhom?: péire miotógaí]/ Is deas an féirín a thug sé isteach
san teach againn; an ghrís sin. Ní fhágfaidh sí aonduine againn
anois ó liath go leanbh nach siúilfidh sí = "éadáil" / Caith uait an
t-iongás sin. B'fhéidir gur thú fhéin a mharú a dhéanfá leis. Da mba
féirín é, ní thiúrfadh sé dhuit é / Tá féirín anois agad de bharr
do chuid "rantála"! Thú tachtuithe le slaghdán / Ach le
scéal fada a ghiorrú, sén féirín a bhí agam fhéin de bharr
an damhsa, m'ordóig a bheith amuigh /[Diabhal bréag nach mbeadh
féirín agam dhá bpósainn í sin]/ Ba mhaith an féirín a bhuail siad
air: conús caillí gan pínn gan bonn / Tá féirín aige muis má
cheannuigh sé an gamhain. Is mór an t-ár é "dhá bhearradh fhéin" /
Sin í an cailín aimsire a fuair sé: inín Sh. Ch. M'anam muise gur
maith an féirín atá ar an urlár anois, má tá gaol ar bith aice len
a hathair]/ Is deas é m'fhéirín: píopa a bhfuil poll ar a thóin. B'fhuras
-ta aithinte dhá mbá rud ar fónamh é, nach dhomsa a thiúrfadh sé é /
D'imigh sé, agus tháinig sé aríst, agus go deimhin má d'imigh agus má tháinig
bhí féirín leis ag teacht! Scearach a bhí air. Thóig an baile uaidh í, agus ba
ar ín ar éigin a scar sí leo chor ar bith. Bhí breithiúnas bais ar T. Mh. aice /

Fonn: Ainm-fhocal; Fireann = (i) Amhrán, ceól, guth: Geiniúnach Uathaidh agus
Ainmneach Iolraidh: fuínn (: fĩɴ ′). (ii) mian, díocas, spleódar, rún, intinn, luighe;
ní bhíonn claochlódh tuisil ar an bhfocal san gcéill seo (ii).
Fonnmhar: Aidiacht as fonn = spleódrach, tóiriúil, dúlaí i; [ní bhaineann sé le
"fonn" ciall a (i)]
Fonnadóir: Ainmfhocal; Fireann = amhránach, ceóltóir

Fonnadóireacht = Ainmfhocal; Buineann = ag gabhail fhuinn; ag amhránaíocht; ag ceól [is annamh a thiúrfaí ar cheol ann fhéin é .i. ar phort ná ar cheól a chasfaí ar ghléas. Amhránaíocht é. Is féidir an rud céanna a rádh leis an bhfocal "fonn". Amhráin nó ceól áirid amhráin a bhíos igceist]

"Fonn, féile, agus filíocht: sin trí ní nach féidir a fhólaim" = ní mór do dhuine a dtabhairt leis ó bhroinn / Ná bac le mo chuid amhráin-sa. Níor dhúirt mé aon-amhrán i gcaitheamh an tsaoil ariamh. Ní féidir fonn a fhólaim, adeir siad. Fonn, féile agus filíocht: sin trí rud nach bhfuil aon-ghoir ag duine a fhólaim /[Dhá gcuireadh sé bun a bhundúin amach ag iarraidh amhrán a rádh chinnfeadh air. Ní féidir fonn féile ná filíocht a fhólaim. Sin rudaí a ghreamaíos do dhuine ó shinsir.]/ Tá sé ag gabhail fhuínn = ag rádh amhráin (agus ag cur cheoil leis) [Is annamh adeirtear amhrán-aíocht i nGaillimh. "Ag gabhail fhuínn nó "ag fonnadóireacht" i gcomhnaí: ə gō l ′ĩɴ ′] / An bhfuil aon-rath ort ag gabhail fhuinn? /[Bhí sé ag gabhail fuinn cho hárd agus a bhí in a cheann / Shíl mé go gcuirfeadh sé a luth amach ag gabhail fhuínn. / Réitigh sé a sceadamán le dhul ag gabhail fhuinn (ag gabhail fhuinn: Achréidh ə gō l ′əɴ ′) / Teirigh ag gabhail fhuinn anois mar a dhéanfadh fear. Déan! / Thug sé an "sway" leis as 'chuile cheáird ag gabhail fhuinn / Chuirfeadh sé na cuacha 'chodladh ag gabhail fhuinn / Feicthear dhom gur beag an frae é ag gabhail fhuinn / Cén mheas a bhí agad ar an ngabhail fhuinn sin? = ar an amhrán nó na hamhráin]/ Shanntuigh mé a dhul ag gabhail fhuinn = tháinig fonn orm a dhul / Ní raibh aon-chúis leis an ngabhail fhuinn san séipéal inniu / Ar an ngabhail fhuinn a tháinig mé isteach = le linn / Níl aon-fhonn agam, agus níl aon-mhaith duit liom = guth; ceól /Ba cheart duitse fonn a bheith agad bail ó Dhia ort, nó chuaigh tú in aghaidh dúchais. Sheasfadh duine san sneachta ag éisteacht le do mháthair /[Cheal nach bhfuil aon-fhonn agad? Tá tú cho dona liom fhéin mar sin. Dhá chárta in aon-traghas muid / Bhí na hamhráin ag rith leó sin. Ní raibh duine ar an bhfeáin aca nach raibh fonn aige]/ Bhí spéice fuínn aca = bhí siad ag gabhail fhuínn, nó ag casadh poirt / Croch suas spéice fuínn = abair amhrán / Ní raibh a fhios agam faoi sheacht ranna na néal cé a bhí ag

teacht aníos an bóithrín agus spéice fuínn thuas aige. Sin é an uair a chuimhnigh mé ar an gcailín báire /[Ní chasfaí spéice fuinn ar bith agad! Má tá, anois atá agad cur díot. Má chloiseann sé seo istigh amhrán ag dul thar a theach, spréachfaidh sé, agus gheobhaidh tú spóirt air]/ Croch suas strionncán fuínn a fhleascaigh! … Ara eist anois … Cho maith agus nach bhfuil aon-amhrán agad! Tá lán mála agad agus sriogán (: sreangán) cuachóige air! / Abair amach "stave" fuínn! Ná tabhair le rádh don dream anoir é. Tá siad ag grágaíl annsin i gcaitheamh na hoíche /[Sén rún a bhí ag N. "stave" fuínn a rádh marach gur bacadh é. An bhfaca tú tórradh ar bith ariamh nach mbeadh sé ag iarraidh a dhul ar na hamhráin? Má chonnaic muis, ba tórradh ghortach í / Croch suas stéibh fuínn. Maith' fear! 'Ar ndú' ní náire atá ort. Bí cho teann annseo agus a bheitheá agad fhéin]/ Bíonn fonn le fonn agus fonn le mí-fhonn = deirtear amhráin agus gan fonn ar bith ar lucht a ráite a rádh; agus deireann daoine eile iad as lán-chroí agus meanmna; déanann daoine rudaí agus fonn a gcroí orra a ndéanamh, ach in aghaidh a dtolach a níos daoine eile iad [magadh focail san leagan : fonn ciall a (i) agus fonn ciall a (ii), fearacht "an té nach bhfuil aon-ghuth aige ná bíodh aon-gubh (fuaim guth) agaibh air" etc.] /[Bíonn fonn le fonn, adeir siad agus fonn le mí-fhonn. Dhá n-abhruínnse amhrán anois ba é an fonn le mí-fhonn é. Níl mé ar mo mhian fhéin ar chuma eicínt / Rinne mé stróic bheag oibre ach ba in aghaidh mo tholach é. Bíonn fonn le fonn, adeir siad agus fonn le mí-fhonn]/ Dar príosta muise cuid den dream a chuaigh siar annsin inniu ag tarraint na gclocha sin ag an sagart, ní dhá ndeóin a chuaigh siad ann. Ach bhí cuid eile aca agus fonn mór orra. Sin é an chaoi a mbíonn sé: bíonn fonn le fonn, agus fonn le mí-fhonn / Gaibhtear fonn le fonn agus fonn le mí-fhonn, adéarfaidís. Ba shin é a fhearacht agamsa inniu é. Bhí mé ag obair, agus beagán dhá fhonn orm / Daimhsítear port le fonn agus port le mí-fhonn. Le mí-fhonn muis a bhí S. ag clascairt dhamhsa aréir. Changlódh sé táirní crú capaill le olc. Thug T. J. a chailín uaidh luath go maith san oíche /[Má bhí mise ag gáire ní ó mo chroí é. Ba deacair dhom, agus mo chroí cho dubh le gual ceártan. Daimhsíthear port le fonn, agus port le

mí-fhonn 'ar ndú' / Is minic, go ndéana Dia grásta uirre, san am a bhfuair Bríd bás a dteighinn síos annsin thíos chuile oíche ag déanamh cuideachta le na gearrbhodaigh. Diabhal neart a bhíodh agam air. Ag iarraidh an buaidhre a chaitheamh dhíom a bhínn. Is minic a dhaimhsíthear port le mí-fhonn féin]/ Is togha fonnadóir é = togha amhránaigh / Bhíodh fonnadóirí thar cionn ar an mB. roimhe seo, ach sílim gur beag aca atá anois ann / Is breá an fonnadóir é. Ní iarrfá go deó ach ag éisteacht leis ag rádh an "Droighneán Donn" /[Leig de do chuid fonnadóireacht anois, nó cuirfidh mise fonnadóireacht ar an ngoile agad / Tá an-fhonn fonnadóireacht ort, ach gan fonn ar bith oibre. / Tá an-mholadh uirre sin ag fonnadóireacht, ach cítear dhom fhéin nach bhfuil thairis sin de ghaisce léithe = ag gabhail fhuinn; ag amhránaíocht]/ Chaith sé an oíche ag cur a chraicinn dhe ag fonnadóireacht. Sé atá i riocht freisin / Sin é a chuid maitheasa sin: ag feadaíl agus ag fonnadóireacht ar fud an bhaile /[Throiscfeadh sé naoi dtráth ach cead fonnadóireacht a fháil. Bíonn sé annsin ar cuairt chuile oíche, agus ní thigeann iadhadh ar a bhéal, ach ag fonnadóireacht ó thigeas sé isteach go dteighe sé amach aríst]/ An dtaithneódh fonnadóireacht leatsa? Sén chaoi a bhfuil sé agam féin, ní bheadh aon-locht agam ar riar di, ach níor mhaith liom béilí a dhéanamh di ar fad mar a níos sé sin. [i Rosmuc, Camas agus sna bólaí sin is mó atá "fonnadóir", "fonnadóireacht" le cloisteáil. Is beag a chloistear é aniar faoi Chois Fharraige go háirid Cois Fharraige soir] / Tá fonn orm a dhul abhaile = mian /[Níl aon-fhonn air a dhéanamh / An rud a bhfuil fonn ar dhuine a dhéanamh tiocfaidh sé go réidh dhó / Is beag an fonn a bhí air a dhul abhaile]/ Is beag dhá fhonn atá air tada a dhéanamh [cuirtear an a — dhá — shealbhach seo isteach go minic mar chineál réamhtheachtaí don chuid dheireadh don abairt ("tada a dhéanamh") ; nó tugann sé comharaíocht ar rud adéarfaí roimhe sin] / Rinne sé é, ach ba bheag dhá fhonn a bhí air / Thug sé dhom é, ach dheamhan mórán dhá fhonn a bhí air / Ní mórán dhá fhonn a bhéas air, má chaitheann sé eirí /[Níl d'fhonn orm a dhul ann, ach nuair a fheicim chuile dhuine ag dul ann, tá sé cho maith dhom a bheith in mo chách ar aithrist = níl mórán fonn orm a dhul ann / Ní raibh d'fhonn air tada a dhéanamh / Níl thairis sin d'fhonn air fanacht shílfeá = is beag fonn atá air fanacht]/ Shílfeá go mbeadh fonn

thairis sin air rud a dhéanamh / Tá fonn mór air pósadh = tá an-fhonn air / Bhí fonn thar cionn air a dhul ag troid = an-fhonn go deó /[Tá fonn mór uirre sin rud a fhólaim go deimhin! / Fataí a chur ab ea! Tá fonn mór ort go deimhin! / Tá an dubh-fhonn air a bheith ag iascach / Is minic leis mór-fhonn a bheith air a dhul ag fiach = an-fhonn]/ Thaithneódh liom a dhul ann, ach níl aon-mhór-fhonn thairis sin orm / Dhá laghad fonn agus atá air (dhá laghad fonn é) móin a bhaint is fhearr leis é in a dheidh ná imeacht / Is mó an fonn go mór a bhí ar an gceann eile mé a ionnsaí ná ar an bhfear ar thug mé tsiocair dó / D'aith-neóinn ón (ar; leis) bhfonn a bhí air imeacht, gur ag ól a bhí sí ag dul /[Leis an bhfonn atá air a bheith ag obair, maróidh sé é féin / Is beag an dochar dhó tinneas a bheith air, leis an bhfonn atá air fanacht amuigh droch-laethantaí / Gan aon-fhonn an rud a dhéanamh: sin é atá air / Gan aon-fhonn a dhul ann, atá sé. Marach sin bheadh neart cainnte aige]/ Tháinig fonn orm (bhuail fonn mé) a dhul agus iarraidh a thabhairt dó / Bhí an chaint a bhí aige ag cur fonn orm é a mharú, ach d'éist mé leis in a dheidh sin / Tá tú ag cur fonn orm a dhul ag ól le do chuid cainte / Chuaigh ag an bhfonn ar an bhfaitíos air (fc. dul) / Bhí sé idir fonn agus faitíos = bhí fonn air an rud a dhéanamh, ach bhí faitíos air / Bhí mé idir fonn agus faitíos. Dhá n-ólainn bhí a fhios agam go maith gur mhór a mhillfeadh sé fúm, agus bhí mo theanga bheag amuigh dhá uireasa in a dheidh sin / Chaith mé an oíche idir fonn agus faitíos: ag brath bleid a bhualadh uirre chuile phuinnte, agus faitíos orm dá ndéanainn go mbuailfeadh sí ar an bpus mé / Is maith an fear oibre an fonn = sé leath na hoibre má bhíonn fonn a déanta ar dhuine / Tá an-fhonn isteach ar na cearca sin = fonn a thiacht isteach san teach / D'imigh an fonn-amach dó ó buail-eadh é = fonn a bheith ag imeacht ar na bóithre etc. / Teirigh síos ann (: san teach) thú fhéin. Níl aon-fhonn-síos ormsa anocht / [Ní ghabhfaidh mé siar ann. Níl aon-fhonn siar orm / Tá an-fhonn imeacht ort shílfeá / Tháinig fonn óil (spraoi, troda, codlata, oibre, ceóil, siúil, pósta, etc.) orm = bhuail fonn a dhul ag ól mé / Níl aon-fhonn pósta air / Chuir sé fonn troda orm, len a raibh de bhollaireacht aige]/ An bhfeiceann tú an fear sin

thoir san ngarraí. Feacha an stolladh rómhair atá air! Nach gcuir-
feadh sé fonn oibre ar fhear ar bith beó! / Chuir na fataí fonn codlata
orm / Is beag nachar chuir an píopa fonn múisc orm = fonn urlacain
a bheith ag teacht ort = fonn cur amach / D'airigh mé fonn muisc ag
teacht orm fhéin / 'Ar ndú ní fonn cur amach ata ort /[Shílfeá go
bhfuil fonn spraoi air / Is mór an fonn damhsa atá oraibh seachas
a bhfuil san tír! / Tá sé in am agad fonn eirí a bheith feasta ort
agus é an dó a chlog san ló / Níl aon-fhonn maitheasa air. Is
furasta aithinte ar a shearradh agus ar a shíneadh é = fonn oibre /
Fonn maitheasa ar T. go deimhin! Fuair tú amach é muis / Shílfeá
gur fonn oilc atá ort = cosúlacht go dtosódh sé ag troid nó
ag sciolladh nó go dtiocfadh fearg air / Shílfeá gur mó an fonn
oilc a bhí air gur iarr mé chor ar bith air é]/ Tá fonn oilc ag
teacht ort, an bhfuil? / Níl aon-fhonn Gaillimhe orm na laethan
-taí seo = fonn a dhul / Is beag an fonn Aifrinn a bhíos air / Ní
fear é a mbíonn aon-fhonn cladaigh air = fonn a dhul chuig an
gcladach (ag tógáil nó ag baint fheamainne) / Níl aon-fhonn portaigh
orm inniu = fonn a dhul ar an bportach / Nach ort atá an fonn
magaidh! = duine ag tosuighe ag magadh fút / Cuirfidh sin fonn
achrainn air / Diabhal a bhfaca mé an oiread fonn eirí in áirde orra
ariamh agus atá anois / Is cosúil nach raibh fonn a dhéanta air =
fonn é a dhéanamh / Má tá fonn teacht (: fonn a theacht abhaile, a theacht
annseo ar cuairt, ar bhainis etc.) air, tiocfaidh sé, agus mara dteaga fhéin
ní bheidh aon-leathtaoille ar a cailleadh uainn dhá uireasa /[Níl aon-
fhonn fanacht uirre / Níl fonn a hite orm / Fonn luighe atá ag teacht
orm / Tá an-fhonn cainnte ort bail ó Dhia ort / Droch-rath air, maran air atá
an fonn siúlóide! / Nach aice atá an fonn coinneál' air, nach dtiúrfadh abhaile
é, agus a leas bainte aice as]/ Níl aon-fhonn earraigh air = fonn a dhul ag déanamh
obair an Earraigh .i. treabhadh agus fuirseadh etc. / Tá sí caillte le fonn a dhul
Baile Átha Cliath / Tá déidín tuithe aice le fonn cuartaíocht / Tá bís
air le fonn a theacht annseo / Rinne mé é ar bheagán fonn = gan mórán d'fhonn
a dhéanta orm / Chuaigh sé ann agus é ar bheagán fonn (: ar bheagán dhá fhonn a
dul ann) / Is beag an fonn nathaíochta atá air anocht / Maróidh sé é féin
le teann fonn damhsa / Bhí sé beag-fhonn anocht = gan mórán fonn cainte

spraoi, oibre etc, "not in form" / Dá mbeitheá cho beag-fhonn (cho beag a fhonn?) agus atá mise, ní mórán gáire a bheadh agad / Is aoibhinn dó agus cho beag a fhonn oibre agus atá sé = is aoibhinn dó agus a laghad fonn oibre agus atá air /[Dhá mbeitheá cho beag a fhonn damhsa agus atá mise, is fada go ngabhfá chúig mhíle ag damhsa / Tá fonn a chroí air a bheith ag cipiléaracht leis mar sin / Bíonn fonn a chroí air a theacht annseo = an-fhonn / Tá fonn a gcroí orra a bheith imithe as]/ Tá fonn an domhain (fonn an tsaoil, an-fhonn go héag, fonn millteach, fonn diabhalta, an-fhonn go brách, etc.) air a bheith ag báireóireacht / Mara ndéana duine an rud le fonn, eiríodh sé as = agus fonn a dhéanta air; le spleódar / "Ní thiúrfainn mó láimh dhuit go deó deó le fonn" = (líne d'amhrán) / An ndéanfaidh mé é? Déanfadh a mh'anam agus le fonn / Mara ndéana sé le fonn é, déanfaidh sé le mí-fhonn é = déanfaidh sé é, más olc maith leis é / Rinne sé é le corp fonn = bhí an-fhonn air dhá dhéanamh / Gabhfaidh mé ann le lán-fhonn = gabhfaidh mé ann go rí-fhonnmhar / Déarfaidh mise leis le lán-fhonn é. Tuige nach ndéarfainn? / Phósfadh sé anois í le lán-fhonn dhá mbeadh sí le fáil aige, ach níl /[Ní dhéanfaidh mé le fonn ná le mí-fhonn é. Déan é más breá leat. An uair deireadh a ndeárna mé é, tá a fhios agam cén buíochas a bhí orm / D'fhágfadh sé an teach ab ea? M'anam gurb é d'fhágfadh — agus le fonn]/ Cén mhaith dhomsa a bheith ag sáraíocht le fear gan fonn (damhsa, óil, grian, cainte, suirghe, agus rl.). / Chaithfeadh sé go bhfuair sé gan fonn (cúirtéarachta) anocht í, agus a theacht abhaile cho luath seo / Tá sé mar is minic leis a bheith: gan fonn = tá sé gruamánta, duairc / Bíonn sé i gcomhnaí mar sin chuile mhaidin: gan fonn ar bith, ach leath-anglánta / "Ag roinnt do chuid óil ar mhná óga gan fonn" (líne as amhrán) / Ní thiocfainn beag ná mór ach d'fhonn a bheith in éindigh libse = le fonn a bheith in éindigh libse; de ghrádh a bheith; de dhúil a bheith / D'fhonn é a fheiceál a chuaigh mé ann /[Ní d'fhonn aon-mhaith a dhéanamh d'aon-duine atá sé ar chaoi ar bith / Chaith sé an lá ag bladar liom d'fhonn mé a thiúirt (a thabhairt) in éindigh leis, ach ba bheag an baol orm, a mhaisce / Ní d'fhonn aon-dochar a dhéanamh do Sheán adúirt sé chor ar bith é ach d'fhonn an ceann eile a shaghdadh.]/ Shílfeá nach mbeadh an oiread sin mí-fhonn air a dhul ann = cheal fonn; leisce, drugal, fuath /

Ní mí-fhonn atá orm a dhul in éindigh lib chor ar bith, ach nach bhfuil aon-duine agam leis an teach a chumhdach, agus mé imithe / Ní bheadh mí-fhonn ar bith orm faoin obair, ach chítear dhom nach mairfinn san áit /[Níor labhair sé smid i gcaitheamh na hoíche le mí-fhonn imeacht / Tá guirín ar mo chroí le mí-fhonn a dhul ag comhnaí san S. / Chaith sé an mhaidin dhá shearradh fhéin le mí-fhonn eirí / Ní leigfeadh an mí-fhonn dó a dhul 'na phortaigh anois, dhá gcailltí leis an bhfuacht ar an teallach é / Ná bac le duine ar bith a mbeidh m-fhonn mar sin air. Ní duine é le aon-mhuinín a bheith as]/ Tuige a bhfuil sé ag fágáil na mbearnachaí leagha. 'Ar ndú tá: d'uireasa fonn oibre = níl aon-fhonn oibre air / D'fhága mé trí phionnta in mo dhiaidh, d'uireasa aon-fhonn óil a bheith orm / Chuaigh mé suas a chodladh cheal aon-fhonn cainte a bheith orm = de bharr nach raibh aon-fhonn cainte orm / Bhí sé sách fonnmhar (ar) a dhul ann = a sháith fonn air a dhul ann / B'fhéidir nach bhfuil mé an-fhonnmhar a dhul dhá dhéanamh, ach níl mé mí-fhonnmhar ach oiread / Déanaigidh amach go breá fonnmhar é, agus ná bígidh ag ceártas le chéile mar sin. Ní fhaca mé ur leithidí ó a rugadh mé /[Diabhal a mbíonn siad ro-fhonnmhar ag dul chuig an scoil muis. Tá an máistir óg seo ro-ghéar ar ghasúir laga. Buaileann sé an-ghriosáil orra scaití / Leag ort fhéin anois a fhleascaigh. Scar amach í (: móin) go beo deifreach. Is maith fonnmhar a ghabhfá amach go barr scarha dhá mbeadh bean rómhat amuigh ann!]/

Fleaim: Fleain: Flam: Pleaim: Ainmfhocal; Buineann; Fuaim Bhéarla atá ar na litreachaí ar nós "flam", ach bíonn m leathan Ghaeilge ann amanntaí. Fleaim = puth; dionnóid; gaoth an-bheag; cor; beochan; biseach; géarú. [Focal mór ag bádóirí é, ach tá sé coitianta san gcaint ag gach duine]

Ní raibh fleain ann ag an seacht a chlog, ach d'árduigh sí annsin = gaoth; puth / Dheamhan fleaim as aer / Níl fleaim as an aer anocht = dionnóid ghaoithe / Ní dhéanfaidh muid caladh go deo ar an lagar seo. Dheamhan flam as aer /[Shílfeá go bhfuil pleaim bheag ag eirí = beóchan beag gaoithe / Dhá dteagadh an oiread de phleaim agus a thiúrfadh go céibh muid!]/ Ní raibh fleaim san aonach = ní raibh géarú ar bith ann; ní raibh imeacht ar bith ar bheithigh ná aon-fhiafraí orra / Bhí sé

(an t-aonach) maith go leór go dtí an haon-déag ach níor fhan fleaim ar bith ann uaidh sin amach. Gamhain ar bith nach raibh díolta an uair sin, bhí sé as /[Níor tháinig fleaim ar bith ann go dtí amach go maith san maidin. Tháinig cluiche ceannachóirí annsin: muinntir Luimní. Scuab siad sin a raibh de bheithigh láidre ann fútha agus tharta]/ Níl pleaim ar bith san duine bocht = níl cor ar bith ann; tá sé gan mothú gan arann; níl aon-bhiseach ag teacht air ón tinneas / Bhí sí friochanta go maith inné, ach níl pleaim ar bith inniu inte = bó thinn / Is fadó an lá nach raibh flam ar bith ann. B'fhéidir go ndeachaidh sé ar athrú béasaí. Ní bhíodh seachtain ar bith roimhe seo nach gcloisfeadh duine go mbíodh sé ag troid = duine tugtharach d'achrann; é leighe faoi anois /[Níor fhan aon-fhleain ann, ó stop an poitín. Ba é an poitín a bhíodh dhá shaghdadh = tá sé socair suaimneach ó stop an poitín / Níl fleaim san móin faoi láthair. Amach annseo ach a dteighe sí chun gainneacht a bhéas an fuadach uirre]/

Fuaim (: fūəm ′): Ainmfhocal, Buineann; Uimhir Iolraidh = fuaimeannaí.
Fuaim = torann; géimneach; toirnéis; búiriúch, seabhrán; gleó; culghaire.

Tá fuaim ag an ngaoith anocht / Bhí an-fhuaim ag an ngaoith san doras iata / Fuaim na gaoithe sna crainnte a chuir faitíos air / Ní chloiseann tú ach an fhuaim atá ag na crainnte = iad ag gíoscadh leis an ngaoith /[Tá fuaim ag cladaigh ar chaoi ar bith. Scáird eile bháistí = athníthear ar fhuaim na gcladaigh, má tá báisteach air / Tá fuaim ag an mbranra (= áit san gcladach). Níor labhair sé ariamh ach le athrú aimsire / An uair a aireós tusa fuaim ag an eas bí ar do shon féin (: droch-aimsir) / Tá fuaim ghárha ag an abhainn anocht / An gcluin tú fuaim na fairrge (fuaim na gcladaigh, na coille, na habhann, an bhus, an aeroplane, an amhráin agus rl.)? / Chuala mé fuaim "aeroplane" inniu, ach chinn orm í a fheiceál / Sé atá indon an fhuaim a bhaint as an amhrán (as an mbosca ceóil etc.) = indon a chrochadh suas / Bhain sé fuaim as (amhrán) ar chaoi ar bith, bíodh guth aige nó ná bíodh / Bainfidh mise fuaim as an druím agad = buailfidh mé pléasc ar an druim ort /[Níl aon-fhuaim dhá raibh sé a bhaint as druim an asail aniar an bóthar, nach gcloisfeá go réidh socair thoir ag an abhainn]/ Is diabhlaí an fhuaim atá ag an gcarr seo ag teacht anocht. "Níor chuala mé ariamh ceól ba bhinne, ná urchar smóil agus fuaim na slinne" =

an tslinn i seól an fhíodóra / Shíl mé go leagfadh sé an teach leis an bhfuaim a bhí aige = an bhollaireacht nó an chaint a bhí air; an gleo a bhí aige / "Éist le fuaim na habhann agus gheobhaidh tú breac: Seas ar an mbruach agus gabhfaidh sí thart" = an té a éistfeas le torann na habhann beidh a fhios aige cén uair a mbeidh marú ar an iasc; [an té a chuireas cronaí cheart i gcúrsaí an tsaoil, tuigfidh sé go maith cén uair atá aige féin rud a thapú, le balachtáil a bheith aige dhá bharr; ach an té nach dtapóidh an fháill, ní móide go bhfuigheadh sé aríst í]/[Cho luath agus adúirt an sean-fhear an chaint sin, bhí a fhios agamsa nach dtiúrfadh sé an talamh ar cíos aríst do na 'C Thuathalánaigh. "B'fhearr dhuit a thabhairt domhsa", arsa mise, ar an bpuinnte. Agus thug.] Éist le fuaim na habhann agus gheobhaidh tú breac. Deir siad ariamh é / Bhí mise in mo shuí istigh san tsáinne siúd agus mé ag éisteacht leis an mbeirt. Éist le fuaim na habhann agus gheobhaidh tú breac. M'anam nach bréag ar bith é sin. Ba ghearr gur tharraing siad anuas na bóithrí … Bhí an báire liom annsin /[Éist le fuaim na habhann, a dhuine, agus gheobhaidh tú breac. Níl a fhios agad cén rud a bheidís sin a rádh a ghabhfadh 'un sochair duit fhéin ar ball]/

Fearg: Ainmfhocal; Buineann; Geiniúnach Uathaidh: feirge: Tabharthach U. = feirg, fearg.
Fearg: olc, taghd, buile, cuthach, mí-fhoighid; anglántacht; giorraisce; tobainne
Feargach: Aidiacht = taghdach, anglánta, ollmhuithe, giorraisc, tobann, mí-fhoighdeach /

Tuar feirge foighid Dé (fc. foighid) / Tá fraoch agus fearg air (fc. fraoch) / Tá fearg agus fearg ann, ach nuair a bhíos fearg air sin, ní féidir foighid ar bith a chur ann / Chuir an rud adúirt sé (an-, dubh-, fíor- etc.) fhearg orm / Tá fearg agus buile chuthach air / Cuirfidh sin fearg an tsaoil air / Seachain thú fhéin ar fhearg an fhir seo thíos / Ná tarraing a chuid feirge sin ort fhéin, mar ní éadáil mhór ar bith a chuid feirge / Tháinig cuthach feirge air ar an toirt / Bhuail daol feirge é / Ná glac fearg liom anois faoin méid sin a rádh leat / Shílfeá go bhfuil sé ag teacht in a fhearg ort (in a fheirg ort). Glac foighid a dhuine sin! / Dá dteigheadh fear air sin, is olc an peata é /[Níor mhaith dhuit fearg a dhul ar Th. an uair sin. Ortsa a d'ídeódh sé é]/ Bhí rún aige a dhul ag íoc (ag ídiú) a chuid feirge ormsa, agus gan mé ag cur chuige ná uaidh / As corp feirge (le teann, le neart feirge etc) a rinne sé é /[Chuaigh sé 'un feirge liom ar scáth an méid sin araoid' a chur air]/ Tá an fhearg ann ach a bhaint as / Ní fhaca mé a leithide d'fhearg (fearg mar í, etc.) ar

ar aonduine ariamh cheana / D'imigh an fhearg dhe, ach ar cheartuigh mé an scéal dó / Bhí gearradh fiacal air le feirg (le fearg, ach tá an sean-Tabharthach ag seirgeadh) / Ná bí i bhfeirg liom anois as ucht comhairle a chur ort = ná bíodh fearg agad (ort) liom /[Sílim go bhfuil sé i bhfearg liom nuair nach ndeachaidh mé a chúnamh dhó an lá faoi dheireadh / Tá an baile fré chéile i bhfearg leis ingeall air sin]/ Bhí sé ag íoc a chuid feirge ar an asal nuair nach raibh tada eile aige / Ní mar gheall air sin chor ar bith a bhí fearg aige (air) léithe, ach faoi nach n-innseódh sí an fhírinne dó / Tá fearg aige leis (don) an mbaile sin ar fad.
Níl gnatha a samhlú leis chor ar bith / Is fear fhánach í fearg Sheáin = níl aon-dochar inte / Dheamhan a mbíodh as seo go dtí an claidhe i bhfearg an tsagairt sin, [ach ó bhuailfeadh sí é, go gcaithfeá éisteacht leis go leigeadh sé faoi aríst. Bhí sé preabach mar sin, ach dheamhan a gcuimneódh sé ar an bpuinnte aríst air]/ Tá sé faoi fhearg (faoi fheirg) inniu = tá fearg air / Níor dhúirt fearg fíor (nó fírinne) ariamh = má theagann fearg ar dhuine déarfaidh sé a dtiocfaidh in a bhéal / Coinnigh guaim ort fhéin. Níor dhúirt fearg fírinne ariamh. [Níl uatha siúd ach breith ar theanga ort le thú a thabhairt 'un cúirte]/ Ná teagadh aon-fhearg oraibh ar chaoi ar bith. An té a bhéas faoin a mhionna, ní mór dhó a bheith san áirdeall ar a theanga. Deir siad nachar dhúirt fearg fíor ariamh. / Níl an oiread tobac agam anois agus a chuirfeadh fearg ar do shúil = an oiread agus a dhallfadh do shúil = níl tada agam / Níor bhain siad an oiread carraigín in imeacht dhá lá agus a chuirfeadh fearg ar do shúil /[Dheamhan an oiread féir in a iothlainn anois agus a chuirfeadh fearg ar do shúil]/ Duine feargach é. / Tá sé feargach go leór / Bhí sé craosfheargach (bun-fheargach, sách feargach etc.) liom / Sin é fhéin an Seán feargach /

Firéad = Ainmfhocal; Fireann; Geiniúnach Uathaidh agus Ainmneach Iolraidh: firéid.
Firéad: beitheach beag a leigtear isteach i mbrocachaí le coiníní a chur asta; prioc de bhean nó de dhuine; scubaide géar greamannach de chailín, nó buachaill a bheadh amhla.

Tá sí ag imeacht annsin in a firéad / Ní fhaca mé aon-fhiréad ariamh mar thú.
Níl rud ar bith ag dul uait / Súile firéid atá aige = súile beaga /[Ní thaith-níonn súile firéid siúd chor ar bith liom. / Nach maith ba léar dhó iad lena shúile firéid! Tá grinneas ann in a dheidh sin, dhá laghad iad a shúile]/

Feóil: Ainmfhocal; Buineann; Geiniúnach Uathaidh: na feóla; Uimhir Iolraidh: feóileanna.
Feóil: substaint i gcolainn duine nó beitheach; saill; méitheas; reimhreacht.

Níl fuil ná feóil ann anois = tá sé caite, suaite, tanaí / Tá feóil air, bail ó Dhia air! = é reamhar beathuithe / Tá sé faoi fheoil uilig anois / Thuit sé i bhfeóil uilig ó a chonnaic mise cheana é = tháinig feóil air; reamhruigh sé / Cáid ó 'thuit tú i bhfeóil mar sin? … Tá tú as do chuma ar fad / Tá sé ag tuitim (ag dul) chun feóla ar fad = ag reamhrú /[Tá an bullán sin ag cur feóla suas / An díomhaontas atá ag cur feóla air]/ Is mór a d'imigh an fheóil dhe ó a chonnaic mise go deireannach é / Mara mbeidh an fheóil orra (: gamhna) ní bheidh aon-imeacht orra / Tá feóil ag teacht air = é ag ramhrú / Sin í an obair atá indon an fheóil a bhaint anuas = duine a thanuíochan / Má theagann tú seachtain ag scaradh móna agamsa bainfidh sin an fheóil dhíot, feicfidh tú fhéin air / Níl tada feola anois air = níl sé ro-reamhar / Ní chaitheann sí feóil ar bith, mar níl a chead aice = itheann / Ní dheachaidh pota na feola síos fós (: ar an teine) / Tá cloigeann feola air baile ó Dhia air = a chloigeann an-reamhar /[Is diabhlaí na fonnsaí feóla atá air = (fc. fonnsa) / Ní bhfuair tú aon-ghreim den fheóil?]/ Itheann sé sin gream-annaí feóla / Faghann sí gríscíní feóla. Níl anshógh ar bith uirre / Bhí corna feóla (daba feóla, píosa feóla etc.) ag teacht abhaile aige / Tá sé gránuithe (gráinithe) ar an bhfeóil / Tá sib ó fheóil muise inniu, faoi nach dtáinig sib isteach in am ag ur ndínnéar / Chuaigh an tsnáthaid idir fheóil agus leathar ionam = gan a dhul ro-mhór san mbeó, ach idir an forchraiceann agus an fheóil /[Thug an táirne scríobadh éadrom idir fheóil agus leathar dom, agus ba deacair leis cneasú in a dheidh sin]/ Níor ith mé aon-fheóil chearc le fada = an fheóil a bhíos ar chearca / Duine atá meath-thinn mar sin níl aon-cheo len a thabhairt suas ach feóil shicíní / Mil mheach (nó smior mairt), feóil chearc agus bainne bó gamhnach: sin í beatha an bhulaí / Smior mairt, feóil chearc agus bainne bó gamhnach a d'fhaghadh Leadaí na Luaithe fadó, agus ní raibh cinneadh ar bith leis. [Tá an fheóil chearc thar cíonn, ach a fáil go deas bog]/ Muicfheoil (feoil na muice) mairtfheoil, caoirfheoil, laoighfheoil, fiadhfheoil, uainfheoil, cuitfheoil, broicfheoil, feoil chapaill agus rl. = cineálachaí feola /[Deir siad nach mbeadh locht ar bith ar fheóil chapaill, dhá bhfaghadh duine deas catach í.

Sí atá siad a chaitheamh amach sna réigiúin ar fad. Níl a malrait aca / Ba cheart go mbeadh broicfheóil go maith. Bíonn go leór saill' ar an mbroc / Chuaigh triúr dreáthar ar aimsir ag fear. Thug sé cead do chaon duine aca a rogha feóla a thógáil. Thóig duine aca muicfheoil, an ceann eile mairtfheóil, agus an tríomhadh dreáthair caoirfheóil. I gceann na bliana, d'fhiafruigh sé d'fhear na muicfheóla céard a bhí sé indon a dhéanamh. "Dhéanfainn mo chac ar éigin" adeir sé. "Shiúilfinn ar an gclaidhe is corraí san tír tá mé cho croidhiúil sin", adeir fear an caoirfheóla. "Tharraingeóinn crann as a lúdrachaí" adeir fear na mairtfheóla. Ba shin é an buachaill! Níl spreacadh ar bith san muicfheóil]/ Feóil chapaill nó móin fheóil chapaill = dabaí móra a bhíos san móin ar dhath na móna. [Caithfidh tú an láighe a chur dhá baint, agus a caitheamh amach as an bportach. I bportaigh boga a bhíos sí. B'fhéidir go dtiocfadh tuairt uisce aníos de léim as an bportach sin, agus bháithfeadh sé an áit. Chaithfeadh sé ar feadh an lae ag teacht as. Gheobhfá feóil chapaill i bportach an-éascaidh, ach go mbeadh na dabaí sin ann. Bíonn na dabaí féin an-roighin, an-docht.]/ Ní féidir ceart ar bith a bhaint de na portaigh atá suas amach againn. Feóil chapaill ar fad iad /[Tá carcaireacha den mhóin fheóil chapaill san bportach siúd agus é ag déanamh uisce ar an darna barr. Is olc an ailím é le dhul ag plé leis. / Níl sé deacair chor ar bith, ach caithfidh tú an láighe a bheith agad chuile phuinnte in a éadan. Tá sé faoi fheóil chapaill as cnáimh éadain]/ Níl inte sin ach paitfheoil = feóil nach mbeadh bruite, nó rud ar bith mar sin nach mbeadh a dhóthain bruith faite aige / Is deas í! Paitfheóil! Dhá mbeadh leasú cruaighe ar do chuid fiacla ní fhéadfá a cangailt. Nach diabhlaí nach dtiúrfadh sib bruith eicínt don rud a chuireas sib síos. Ag diomallú beatha: sin é a bhfuil sib a dhéanamh /[Fágaí scaithín beag eile ar suan-bhruith í. Níl inte fós ach paitfheóil. Nach agaibh atá an deifir léithe! Faitíos atá oraibh go leagha sí san bpota. Ní leaghfaidh muise ná baol uirre: Na sean-bheithigh atá sé siúd a cheannacht, is roighne ná sin iad!]/ Tá an cáca seo in a phaitfheóil cheal bruitheacháin. Níor hionnt-uíodh ariamh é. Dheamhan ionntú. Feacha na rologaí atá istigh ann. Ní ar ur ngnatha atá áird agaibh! Níl aon-ghoir agaibh an teallach a

fhaire agus a bheith ag seiteamas leis an bhfear anoir agus leis an bhfear aniar / Feóil dhubh agus feóil bhán = truaghfheóil agus méithfheóil = lean agus fat / Ní féidir an chaoirfheoil sin a ithe. Tá sí ro-oiltiúil. Feóil bhán uilig í / Ní raibh saill ar bith san mairtfheoil sin. Ba feóil dhubh í as éadan. /[Tá an iomarca den mhuicfheóil bhán sin go dona. D'aireóinn an-cheasúil í]/ Tá an chaoir fheóil sin colúil. Bheadh col agamsa léithe ar chaoi ar bith. Feóil bhán uiliog í / Nach hé atá éiseallach nach n-íosfadh ach feóil dhubh. [Ba mhaith leis a fáil, dubh ná bán, roimhe seo. M'anam muise go n-íosfadh daoine eile í, idir gheir agus shaill agus eile]/ Fuair mé daba de mhairtfheóil bhán agus ní fhéadfainn béal a leagan uirre. Chuirfeadh sí aghaidh mo ghoile aníos ar an toirt. /[Sí an fheóil dhubh sin is séimhe dhuit len ithe. Is iomdha duine nach mbeadh coimpléasc ar bith aige leis an bhfeoil bhán a ithe. Go dtí le goirid fhéin, ní fhéadfainn fhéin drannadh léithe. Dhá ndrannainn chuirfeadh sí ó ithe mo chodach ar fad mé. Ach bainim ceart maith anois di]/ Tairtfheóil = ar an bhfeóil dhuibh chruaidh a thiúrfadh cuid de na daoine é (; codarsna na saille); ach daoine eile is ar fheóil a bheadh fuarbhruite a ghlaoidhfidís é, go háirid feóil a bheadh bruite thar oíche; ar fheóil fhuarbhruite is mó a chuala mé é / Tá tairtfheóil annseo má itheann tú í … Is beag an locht í. Dhá bhfaghadh daoine eile í, is maith súite a d'íosfaidís í. Ach tá sibse bainte as ur gcleachta /[Leag sé anuas pláta tairtfheóla a bhí ann thar oíche, agus thosuigh sé dhá smalcadh agus daba aige is chaon laimh leis. Is aige atá an coimpléasc! Bhí mise cho breóite agus nach bhféadfainn breathnú uirre amháin. / Ní íosfadh sibh an giota tairtfheola atá annsin? Tá sé ann ó Dhéardaoin. Bhí an lá inné in a throscadh. Níl tada uirre mara tromchroidheach lib í len ithe. Na madraí a gheobhas í mar sin.]/ Strachaill leat an méid tairtfheola (feoil dhubh) atá uirre, agus fág an tsaill annsin. Tá solamar maith ar an gcnáimh sin fós. In aice an chnáimh a bhíos an chuid is milse den fheóil, adeir siad / In aice an chnáimh is milse a bhíos an fheóil = seanfhocal / Tá sé lán suas le anfheóil (nó ainfheóil. aNōl′. aN′ōl′. anfheóil is mó adeirtear) = craiceann tanaí a theagas ar lot, agus gan ann ach cneasú thar ghaimh; bíonn ruainneachaí den fheóil ar an lot leath-lofa, agus déanann sé cneasú beag as a gcíonn. D'fheicfeá anfheóil dá scríobtá an craiceann díot fhéin, agus

an fheoil dearg a bheith leis. / Níl an nioscóid sin cneasuithe. Anfheoil í sin uirre. Brisfidh sí amach aríst. Tá bruachannaí uirre /[Tá grís eicínt ar mo láimh. Is beag le go bhfuil mé ag fuilinnt chor ar bith leis an tochas atá inte. Tá an-fheoil le feiceál in mo bhun-ríochaí leis an scríobadh atá tugha agam dóibh. Breathnuigh orra! / Tá cois bhocht aige fós. Dheamhan cneasú ná cneasú uirre, ná cosúlacht air. Tá fonnsa an-fheola timpeall leis an lot anois, agus forchraiceann beag air, ach ní cneasú ceart é. Tá máthair an droch-ábhair istigh fós, agus beidh mara dteighe sé roimpe in am. Tá sí fágha ro-fhada aige cheana féin.]/ Is olc é an scamall sin. Níl ann ach an fheoil. Tá ábhar fós inte. Is furasta aithinte é, agus an bhoiric atá uirre. Tá sé thar am aice imeacht. Ní raibh le déanamh agad ach a dhul ag an dochtúr léithe agus gan a bheith dhá buachailleacht níos fuide. Tá sí ag seadú ro-fhada. Nioscóid ar bith nach ndealóidh léithe in imeacht coicís nó trí seachtainí, ní ceart trust ar bith a bheith aisti / Feóil bheo = beithigh, muc, eallach agus rl.; feóil anachain = muca nó beithigh nó eallach a chailleadh, nó iad a bheith tinn i gcruth agus nach mbeadh aon-tsúil leó, agus go maróchaí iad / Go méaduighe Dia feoil bheó agus daoine slána agaibh = buíochas a thiúrfadh duine as ucht béilí, go háirid béile a mbeadh feóil air; ach deirtear le béile ar bith é / Nár thuga Dia feóil anachain duinn! = Nuair a bheadh beitheach ar a chailleadh nó tinn, nó nuair a bheithí ag trácht ar fheóil, nó daoine a bheith ag strócadh ag iarraidh feóla /[Go méaduighe Dia feóil bheó agus daoine slána agaibh, agus nar thuga Dia feóil anachain duinn = cuirtear an dá rud le chéile mar seo ag tabhairt bhuíochais as ucht béilí (fc. beó, anachain)]/ An té nach bhfaghann an fheóil is mór is fiú dhó an eanraith = is maith an rud cuid dhá shásamh = is mór is fiú riar fhéin mara bhféada duine mian a chroí nó breith a bhéil fhéin a fháil / Níl aon-phoitín le fáil, ach bfhéidir go mbainfeá do ghaisneas as gloine dhó seo. 'Ar ndú' an té nach bhfaghann an fheóil is mór is fiú an eanraith /[Ní bhfuair tú í le dhul ag damhsa léithe, ach nach bhfaca tú mise ag damhsa léithe agus nach raibh sé cho maith! An té nach bhfaghann an fheóil is mór is fiú dhó an eanraith!]/ Cuir feóil uirre seo = suidh síos uirre seo (: duine ag síneadh cathaoir nó stól chuig duine le

suí síos) / Seo cathaoir dhuit agus cuir thú féin feoil uirre. Is dhuit is fusa bail ó Dhia ort (: mar dhóigh dhe go raibh sé beathuithe) / Seo stól agus cuir thú fhéin feóil air … Ní shuidhfidh tú! Ara déan do chuairt ó b'annamh leat thú a chastáil go dtí muid / Sé do bheatha! Sé do bheatha! Sé an síol nua thú a fheiceál. Ní raibh tú againn cheana lena cianta. Foighid ort! Seo cathaoir duit agus tá tú féin indon feóil a chur uirre bail ó Dhia ort. [Níor tháinig aois ná aimsir ort ó a chonnaic muid go deireannach thú. Diabhal é muis]/ Cuir feóil ar an teinteán sin thall. Is ann is teócha dhuit. Ní fhéadfá gan a bheith fliuch, agus an bháisteach atá ann. Deasuigh anuas go maith / Duine feólmhar é = duine a mbeadh feóil air / Tá sé an-fheólmhar le goirid /

Fás: (i) Ainmfhocal; Fireann. (ii) Briathar = ag méadú, ag borradh; airde áirid. Fásach = Ainmfhocal, Fireann = áit a mbeadh féar árd nó uaibhreach ann.

An bhliain a bhfásann an féar luath, sin í an bhliain is measa. Bhí fuílleach d'fhéar bó ann i mbliana an chéad lá Mhárta. An bhfeiceann tú céard a rinne an bhliain in a dhiaidh sin? / Is fuide a bhíos ciall ag fás ná fiacla. Diabhal breág! Marach gur fuide bheadh ciall ag S. feasta, arae tá na fiacla curha go maith aige / Níl luibh ar bith a bhíos cho fada ag fás le ciall an duine = deirtear seo /[Tá sé cho bréagach leis an bhfear adúirt go bhfaca sé an féar ag fás]/ Ní fhásann aon-duilliúr ar an gcrann a críonas = má fhágann fear ná bean an pósadh ro-fhada, ní bhíonn aon-sliocht orra; má fhágtar obair nó rud ar bith ro-fhada gan déanamh, ní bhíonn aon-tairbhe dhá barr / Is maith é, agus is maith an chraobh a bhfásfadh sé air = ag moladh duine /[Is maith thú a mh'anam, agus is maith an chraobh a bhfasfá air / Rinne sé an soilíos sin dom muis. Is maith é agus is maith an chraobh a bhfásfadh sé air / Dair Shasana: trí chéad bliain ag fás]/ Tá sé ó fhás anois nuair nar fhás sé cheana = sceach a cuireadh / Tá móta ann agus sceach ag fás as amach / D'fhan trí cinn aca gan fás = crainnte a cuireadh / Cuir luaith leo. Sin í an cailín a chuirfeas ag fás iad! / Déanfaidh fataí fás leis an mbáistigh seo. [Ba ghéar a theastuigh an méid sin ón gcur / Diabhal bóthar a dhéanfar annsin chúns bhéas uisce ag rith ná féar ag fás = coichín / Ní fheicfidh tú aon-rath ar Éirinn chúns bhéas uisce ag

rith ná féar ag fás]/ Má theagann an rud sin ar na dasachaí, an méid a bhéas aníos as an gcréafóig dhíob, beidh sé speirhe ó fhás / Tá a chuid fáis sin déanta = tá a bhiseach tugha = tá sé cho mór agus a bhéas sé / Fás! M'anam go bhfuil deireadh a chuid fáis déanta. In a aircín mar sin a bhéas sé choíchin. / Ní fhásfaidh fataí níos mó i mbliana. Tá deire a gcuid fáis déanta / Tá pianta fáis air = pianta a bhíos ar stócaigh nó ar ghasúir nach mbíonn in éifeacht /[Shíl mé idtosach gur pianta fáis a bhí air, ach ní hea]/ Ná bain an móinéar sin thuas fós. Níl a chuid fáis sin déanta chor ar bith. Tabhair cead fáis dó / Más leat cead fáis a thabhairt don chrann, caithfidh tú na clocha sin a bhaint / Tá siad curha anois agus cead fáis aca = fataí /[Níl baol ar bith ar a chuid fáis sin a bheith déanta fós. Foránach diabhalta fir a bhéas ann bail agus beannú air!]/ Is breá an oíche fáis í = oíche amach idtús an tsamhraidh a thiocfadh in a bháistigh thar éis triomach fada / An-uair fáis í an uair seo. Dhá gcoinníodh sé ar na múranna seo go ceann trí nó ceathair de laetheantaí, d'fheicfeá cur thrídh thalamh / Seo í aimsir an fháis! 'Ar ndú ní dhá iarraidh ar a mhalrait a bheitheá? /[D'aireódh sé an féar ag fás, tá éisteacht cho maith sin aige = d'aireódh sé torann dhá fhánaí / Bhí muid istigh idteach ósta ann. Geospailín beag feósaí a bhí san óstóir, ach d'aireódh sé an féar ag fás. Mo léan ní thiocfadh aon-phóilí gan aireachtáil air!]/ Tá an-fhás faoi = féar, duine, beitheach etc. / Nach faoi an síol féir sin atá an fás! / Sin crainnte a mbíonn an-fhás fútha. Ní aireóchthá go mbeidís mór millteach / Bhí fás na slaite sailí (fás na sailí) faoi chuile dhuine aca sin = fás an-tobann; iad ag éirghe suas caol árd / Tá fás na sailí faoi bail ó Dhia air. Tá an cloigeann aige tharm féin agus mé cheithre bliana níos sine ná é /[Dhá mbeadh fás na slaite faoi ní fhéadfadh sé a bheith suas in a fhear fós. Nach an lá cheana a phós a athair!]/ Níl aon-fhás a rath faoi = níl sé ag fás go maith / Tá snáfach fáis faoi = tá an-fhonn fáis air = tá bís fáis faoi = duine nó rud ag fás go haibéil / Tá an-fhonn fáis ar na fothann-áin sin. Is beag an leasú a iarrfas siad sin. Dar Dia muise dhá

mbeadh maith ionta, ní fhásfaidís leath co héascaidh / Is mór an fonn fáis atá ar chréachtachaí. Diabhal mé go sílfeá gur leasú a chuaigh leó! / Tá snáfach fáis faoi (san) mbruiméar ann ar chaoi ar bith! / Tá bís fáis ar na driseachaí seo. An bhfuil tada a choinneódh ó fhás iad? / Tá an talamh fásta = féar air /[Tá an talamh fásta suas go dtí leath an bhalla = eirithe aníos; ní féar atá i gceist ach cothrom nó gruadh na talúna / Is gearr go mbeidh na lagphuill fásta ar airde na mbruachannaí = eirithe suas]/ Ní bhíonn an talamh sin i bhfad ag fás = féar ag teacht air / Tá nioscóid ag fás amach as mo ceathrú / Marach an chaoi a ndeachaidh sé roimhe, bheadh sé réidh. Bhí cnap eicínt ag fás ar a phutógaí / Is breá an fás é bail ó Dhia air = buinneán breá d'fhear nó de bhean / Nach breá an fás a rinne sé. Tá sé chuile orlach cho hárd len a athair anois! / Is breá an fás de chailín óg í — agus is slachtar /[Is breá na fáis iad uilig, an triúr aca. Tá an mianach mór ionta / Is breá an fás cupógaí sráide iad sin! / Ní fhaca tú aon-fhás cnádáin ariamh is breácha ná atá aige annseo thuas! = níl aon-mhaith ionta]/ Tá an-fhás ainleóige san móinéar agad shílfeá / Ní fheicim fás ar bith ar an mbaile i mbliana ach fás broiméir, agus sin fás nach n-iarrfadh na daoine / Tá sé ag fás deireannach = ag eirí deireannach, nó ag dul chun deireannais. / Is fhearr dhuinn a bheith ag bogadh abhaile. Tá sé ag fás deireannach. Nach bhfuil an ghrian faoi! / Sé an fear is cuime (: caime: fuaim Achréidh) é dhar fhás dhá chois as ariamh / Níor fhás dhá chois as aon-fhear ariamh is bréagaí ná é / Sén an nathuíodóir is mó é, dhár fhás dhá chois as i gcaitheamh an tsaoil /[Níl aonduine dhár fhás dhá chois ná dhá láimh as, is gráinne teanga ná S. sin]/ Éist anois. Ní chuirfidh tú dallach dubh orm cho héasc-aidh sin. Níor fhás an craiceann cho bog sin orm! Ní pleidhce nó amadán amach agus amach mé /[Nach simplí é! Ag ceapadh gur fhás an craiceann cho bog sin orainn! / Dhá phunt! An rún atá agad a bheith ag magadh fúm? Ag ceapadh go scarfainn leis ar dhá phunt! Nach bog a d'fhás an craiceann orm más fíor dhuit fhéin!]/ Gheobhaidh an t-iasc cead fáis inniu ar mo shonsa = ní mharóidh mise aon-bhreac inniu, arae ní ghabhfaidh mé ag iascach / M'anam muise go bhfuighidh an t-iasc cead fáis ar scáth a gcuirfidh muid d'araoid air. Níor chaith mé aon-

urchar iascaigh anois le dhá bhliain / Tiúrfamuid cead fáis do na mangachaí inniu. Fan go dtí trathnóna eicínt i lár na seachtaine agus tiúrfamuid geábh in a ndiaidh /[Ní thiúrfaidh sé aon-chead fáis don iasc nó is cinniúint air é. Nach mbíonn sé amuigh ag iascach chuile lá dhá n-eiríonn ar a shúil!]/ Ná tabhair cead d'aonduine fás (suas) ort = brabach nó bearraíochaí a bhaint dhíot; exploit you / Sin é an chaoi a raibh an bacachín sin ariamh: ag fás suas ar chuile dhuine eile. Tá a fhios ag chuile dhuine cé hé fhéin, agus diabhal mé in a dheidh sin go bhfuil ag rith leis. Is aigeantaí é, 'ar ndú' ná an diabhal fhéin! /[Ag fás ar an dream thiar atá sé anois. Marach gurb ea ní thaitheódh sé cho-mór iad. Ach taitheóidh sé sin chuile áit a n-aireóidh sé aon-bhrabach. / D'fhás siad suas go maith ar an mbaile seo. 'Ar ndú' d'fhás nuair a bhí na daoine go dona agus an iomarca omóis dóibh ar fad. Bhí a gcuid oibre dhá dhéanamh dhóibh, agus bhí maith an bhaile aca in aisce. Mara ndéantaí ach sicín a mharú, chaithfidís greim di a bheith aca. Ach m'anam gur tháinig ciall do na daoine le goirid]/ Níl inte ach fás bliana = feamainn; baineadh cheana anuiridh í ["fáisín" adeirtear mara gcuirtear "bliain" leis. Ciallaíonn "fáisín" an rud céanna] / Ní bhfuighidh sibh dhá bhoirdín ar a fuaid. Níl inte ach fás bliana (feamainn) / Ní fiú dhaoib a dhul dhá ur meath fhéin leis an bhfáisín siúd. Céard atá ann ach dosán anonn agus anall? /[Deir siad dhá mbaintí an fheamainn in a fáisín, nach mbeadh na cladaigh leath cho gealta. Sin é atá dhá fágáil go dona, nach gcoinníthear lomta í / Bhain muid cheithre boird d'asal ann, ach má ba ea fás a bhí inte = bhí sé a dó nó a trí de bhlianta ó a baineadh faoi dheireadh í / Tá fás ar mo roinnse i mbliana. Athrú anuiridh a baineadh go deireannach í. Ní bheadh bord go deó agad le fáisín / Tá cupla malach feamainn dubh thíos ar an íochtar fás dhá bhliain / Níl maith le feamainn ar bith mara mbeidh fás ann / Fás dhá bhliain iad na crainnte sin = dhá bhliain atá siad curha /[Bheadh adhmad maith agad i bhfás fiche bhliain / Is breá an olann atá ar an molt sin: in a fás ceart = an-lomra téagarach / In a bhfás bliana a bhearrtar na caoirigh uilig anois, ach thugtaí bearradh Samhna orra roimhe seo / Deir siad nach bhfuil fás bliana ar bith cho fada le putóig (drisín) chaorach (ach an dris choille) =

(fc. dris) / Is beag nachar scanruíodh as a fhás bliana é = gasúr nó duine ar bith a mbainfí geit as nó a scanróchaí /[M'anam má dheireann sé é sin leis go scanróidh sé as a fhás bliana é. Is bocht nach scanródh! / Fhobair gur scanruigh tú as a fás bliana í, nuair adúirt tú léithe go raibh J. ag dul ag pósadh. Tá sí ag tnuthán i gcomhnaí go n-iarrfaidh sé í]/ Díol cam uirre! Chuir sí as m'fás bliana mé. Is beag nach dtáinig meirfean orm. Séard a thuig mé uaithe gurb é deaide a bhí buailte /[Ní deas an scéal é sin len innseacht don fhear seo thoir — do Ph. an Mh. — imbéal maidne. Cuirfidh sin as a fhás bliana é! Faitíos go mbeadh air tuilleadh rates a íoc /[Gabh suas agus abair le M. Ph. Sh. gur báthadh deich gcinn de na soithigh is mó ag Sasana aréir. Cuirfidh sin as a fhás é! Is measa leis rud ar bith a eirí do Shasana ná dhá gcailleadh sé bó! / Dúirt sé nach raibh na "bicycles" ann: go raibh siad imithe. Chuir sé as m'fhás mé. Scanruigh mé gur goidhe a bhí siad. Ba mhaith an tsíleachtáil dom é … 'Ar ndú' ba é P. a thug isteach san teach iad / Tá an-fhás coille ann = coill árd]/ Ní fhaca tú aon-fhás driseachaí go hiomaí mar atá sna garrantaí sin siar anois / Chuala mé go raibh an-fhás sailí agad / Tá an talamh thoir faoi fhásannaí beaga droighin ar fad = mar bheadh crainnte beaga nó catógaí; sé "an fás" gach ceann aonraic aca; dhá mbainteá fás aca d'fhéadfá maide láimhe a dhéanamh dhe .i. fás droighin / Bhain mé fás droighin annsin thuas inniu. Dhá mbeadh sé stáluithe agam dhéanfadh sé an-mhaide / Ní fhéadfá aon-fhás beag droighin a fháil siar annsin dom? … Shíl mé go raibh neart aca sna caracáin / Bhuail sé le fás fuinnseóige é = maide (láimhe) fuinnseoige; ní mó thar shlatmhaide a bhíos ann uaireanntaí. Ba iad na fásannaí fuinnseóige a mbaintí leas asta roimhe seo nuair a bhíodh scliúchais ar aontaigh, ag pátrúin agus rl. Is ceird inte fhéin troid le fás. Tá diúracadh áirid ar an bhfás agus caoi áirid le buille a bhualadh leis agus buille a choisint. Roimhe seo dhá dteagadh fear ó na coillte ar cuairt chuig cladóir ba mhinic go dtugadh sé glac fhás mar bhronntanas chuige. Is minic nach n-abruíthear ach "fás" nó "fásannaí", ach fasannaí fuinnseoige

a bhíos i gceist i gcomhnaí / Bhuail sé leis an bhfás mé]/ Tharraing sé snaoím den fhás orm ach choisin mé í / Cáil siad seo ag dul le na fásannaí? An bhfuil aonach ná margadh in áit ar bith? / Má theagann sé annseo gheobhaidh sé fás uaimse = tiúrfaidh mé greadadh dhó le fás fuinnseóige /[Bhíodh naoi nó deich d'fhásannaí i gcomhnaí as cionn na teine ann]/ Ní chasfaí aon-fhás agad? Tá fúm na cupla gamhainín sin a chur 'nan aonaigh amáireach = "fás" adeirtear i mBéarla ar fud na Gaillimhe leis .i. "he drew a blow of the "fás" on him" / Tá sé druidhe le fásannaí coll = sceacha beaga coll nach mbeadh in inmhe / Caithfear fáscílle (nó fáls-cílle: false) a chur an mbád sin go goirid = dhá mbeadh cílle báid caite, cuirtear leasú nó neartú air. Sin é an fás cílle nó an fálscílle / Tá an garraí seo thuas in a fhásach = féar árd uaibhreach air / Scread mhaidne orra, maran orra atá an t-uabhar! Tá fásach féir aca annsin, agus ní fhanfaidh siad ann in a dheidh sin. [Is fhearr leó a dhul isteach i ngarraí atá crínnte go dtí an grinneal (: beithigh)]/ Tá fásach ar na híochtair ach níl ach bun-fhéar ar na cnocáin. Ní fiú cuid dhe a spealadh beag ná mór / "Siúd ort a Mháire, agus ólfamaid deoch, agus agus beidh muid amáireach i bhfásach na ngort" (.i. an áit a bhfuil rud ag fás) = leathrann; níor chuala mé ann ach an méid sin /[An bhfuil a fhios agad cá raibh cóisir bheitheach an fhir seo thíos inniu, nó gur chuir mise amach as iad?: istigh san bhfásach féir atá agad i nGarraí an Bhóthair. Chuir siad caraos orm, agus cho fada agus atá sé coisnithe agad. Breá san diabhal nach ndíolann sé iad, mara bhfuil aon-ghreim aige dóibh.]/ Bhí fásach san ngarraí sin lá Aonach na Faiche, ach sén chaoi a ndeachaidh sé ar gcúl ó shoin. Fuair sé an t-an-spalpadh, agus tá an talamh ro-éadtrom ann /

Féans: Ainmfhocal: Iolraidh é mar atá sé. Is cosúil gur focal Béarla é. "Fiends?"
Féans: Siad na féans an chuid deireadh den fuisce a theagas as an "stil". Fanann siad indiaidh na dúblála san bpota. De réir mar a bhíos an dúbláil ag teacht, bíonn na stiléaraí ag caitheamh braonachaí di ar an teine féachaint an lasfaidh sé. Ar an bpuinnte agus nach dtiocfaidh aon-lasair air, ní leigfidh siad níos mó thríd an "worms", mar níl fágha san bpota an uair sin ach "féans". Nimh chríochnuithe na féans agus dhá dteigheadh brí dhíob thríd an bpoitín, chuirfeadh sé ó mhaith é. Siad na féans a tharraint thríd an bpoitín a mhilleas é go hiondúil. Níl leas ar bith sna féans. Deirtear gurb ón eórna iad /

Fionnbheara: Ainmfhocal: Dílis: Rí Shluagh Sidhe Chonnacht; tá a bhruidhinn i gCnoc Meádha, in aice Caisleán an Aicéidigh soir ó Áth Cinn. Is iomdha trácht air i scéalta agus in amhráin:

"Lá breá dhá raibh mé ag seóltóireacht ar charra Chille Mhóir
Cé a d'fheicfinn ag dul Camas ac Fionnbheara i mbád seóil" [an tosach atá ar amhrán a rinne Féilim Mhac Dhubhghaill: "an Bhó Bhán"] /
"Chuir mé í le ualach craicne go dtí Fionnbheara máistir ó na bruidhne" [as ceathrú faoi láir a chuaigh amú] /
"Tháinig mé isteach go dtí Fionnbheara Mheádha
A ghunna in a láimh agus é i gcíonn (ag traenáil) a chuid airm
Bhí fuisce ar an mbórd aige, agus muicfheóil dhá róstadh aige
Agus fiche fíodóir igclúid chois an teallaigh ann" [as giota filíochta: An Bheirt Shíogaí] /
"Agus go bhfuil sí le dhá mhíle bliain ag Fíonnbheara (i bpríosúntacht) I mbruidhin Chnoc Meádha" [Colm a Bhailis in "Amhrán na Bó"] /
Sé Fionnbheara a bhíos go minic ina cheann ar an sluagh sidhe agus iad ag bualadh báire ar léanaí oícheanntaí gealaí, nó ag goid bhan, nó ag tabhairt fear leó ar imirce na hoíche, nó ag tabhairt fuadach as ar pháistí agus ag fágáil síogaí in a n-áit etc. Tá an iomad de na scéalta sin ann / Theanguigh Fionnbheara leis = theanguigh Fionnbheara Mheádha (v ʼā) leis [Fionnbheara Mheádha a thugtar go minic air] = tá sé imithe ag an sluagh sidhe; tá fuadach as air /[Níl a fhios agamsa cáil sé (: asal ar iarraidh) marab é Fionnbheara a thug go Chnoc Meádha é / Ná bí amuigh anocht (oíche Shamhna) nó tiúrfaidh Fionnbheara go Cnoc Meádha thú! / Tá an gamhain sin imithe ar an uisce bruite. Shílfeá go bhfuil sé ag fáil cinnireacht mhaith muis. Déarfaidís fadó gur imithe ag Fionnbheara go Cnoc Meádha a bheadh sé, nuair a d'fheicfidís ag imeacht as mar sin é, ach níl áird ar bith ar na scéalta sin anois / M'anam má leag Fionnbheara láimh ar aonduine ariamh gur leag sé air sin é. Tá faitíos orm nach n-ólfaidh sé aon-deóir bhainne sláinte len a mharthainn aríst]/

Fionnán: Ainmfhocal Dílis: Ainm Naoimh; níl sé in a ainm san gceanntar seo anois má bhí ariamh. Florry, Florence agus Fineen a thugtar i gCiarraí air.

Lá Fhéile Fionnán = deir siad gur trí lá roimh lá an Nollag é, ach ní féidir a bheith dearfa anois. Tugtar Lá Fhéile Tomás ar an lá céanna nó ar an lá roimhe. Deireadh na seandaoine i gcomhnaí gurbh shin é Lá Fhéile Fionnáin.

"Lá Fhéile Fionnán Fínn a roinntear an fuacht agus Lá Fhéile Pádraig na bhFeart a bhaintear as an chloch fhuar (ghlas)" = "Lá Fhéile Fionán Fhuar a theigheas an cloch fhuar san uisce agus Lá Fhéile Pádraig na bhFeart a eiríos sí aisti (a bhainteas as an chloch fhuar)" = "Lá Fhéile Fionnán fuar a theigheas roinnt ar an bhfuacht agus Lá Fhéile Pádraig na bhFeart a bhaintear as an chloch fhuar = "Oíche Fhéile Fionnáin a chuirtear mír ar an bhfuacht" = ní bhíonn fuacht an gheimhridh ceart ann go dtí Lá Fhéile Fionnáin, agus ní thosaíonn an ghaimh ag imeacht aríst as go dtí Lá Fhéile Pádraig /[Inniu Lá Fhéile Fionnáin. Deir siad gur inniu a theigheas an chloch fhuar san uisce, agus go mbeidh sí ann aríst go dteaga Lá Fhéile Pádraig / Romhat amach atá, anois. Inniu Lá Fhéile Fionnáin agus roinntear an fuacht. Ba shin é seanchas na sean-unndúirí ar chaoi ar bith. Trí lá roimh lá Nollag a cheapaidís do Lá Fhéile Fionnáin]/ Sí anocht oíche Fhéile Fionnáin. Cuirfidh an oíche anocht mír ar an bhfuacht. Níl aon-lá ariamh san saol nach shin é a chloisinn. Ní bhainfear an chloch fhuar as aríst go bhfeice tú Lá Fhéil Pádraig. "Lá Fhéile Pádraig na bhFeart a bhaintear as an chloch ghlas", adeiridís /

Fíonnach: Ainmfhocal, Fireann: Geiniúnach Uathaidh: an fhíonnaigh
Fíonnach: An folt a bhíos ar bheithigh, ar chapaill, ar mhádraí etc. agus ar bhrollach agus ar cholainn duine ach amháin ar a cheann aghaidh agus ar a chloigeann cé go dtiúrfaí fíonnach ar chuislí féasóige ar nós an chlúmhnacháin a bhíos ar ghasúir etc. [Fuaim: Fíonnach, ach "fiúnnach" a chuala mé ag dream amháin: Súiliobháin Chille Gúla, Chnoc ar Eas Thoir, agus an Spidéil. Bhí sé aca uilig. Ní feasach mé cá bhfuighdís é. Tá siad san tír sin le céad bliain nó tuilleadh. Bhí fuaimeanna eile dhá réir aca: "as ciúnn". Chuala mé ag tuilleadh de mhuinntir Chnoc ar Eas Thoir é sin, ach is dóigh gur ó na Súiliobhánaigh a thóig siad é. Ní ó scoileannaí ná a leithide a tháinig sé.]

Níl ribe fíonnaigh ag fanacht air. / Níl fúinín fíonnaigh ar bhrollach Sheáin /[Dheamhan liobar foilt ná fíonnaigh a d'fhan air le linn an fhiabhrais / Chuimil an Naomh Pádraig a láimh in aghaidh stuif d'fhíonnach an mhadadh agus sin é an fáth é a bheith (: an fíonnach) a bheith siar ó shoin = seo é adeirtear / Folt féasóg ná fíonnach níl air anocht. Bhearr sé an fíonnach cho maith le rud ar bith eile. Tá a mhullach cho geal le calóig ru. Lom sé isteach go grinneal é. An fuinín fhéin níor fhága sé air fhéin]/

Fionn: An Fhéinn: Fiannaíocht; Fiannóirí; Fiannaithe: Fiannach.
Fionn: Ainmfhocal Dílis; Geiniúnach Uathaidh: Fhinn [Fuaim Fionn: Fíonn : Fhínn] = Fionn Mór Ó Baoiscne nó Fionn Mhac Umhail "an máistir a bhí ar na Fiannabh Éireann in Éirinn fadó". [ní bhíonn aon-chlaochlódh tuisil air scaití)
An Fhéinn = na saighdiúir a bhí ag Fionn Mhac Umhail; Geiniúnach Uathaidh: na Féinne; [Ainmneach scaití: An Fhiann .i. "ní mar gheall ar do Dhia é, ná mar gheall ar Fhionn ná'n Fhiann gan a bheith beó" [as Argóinteacht Oisín agus Phádraig]
Uimhir Iolraidh: na Fianna; na Fiannta .i. "na Fiannta(bh) Éireann", ach "an Fhéinn" mar shluagh ainm .i. "na seacht gcatha breá a bhí ar an bhFéinn".
Fiannaíocht: Ainmfhocal: Buineann = na scéalta, na dánta agus cuir síos ar an ngaisce a rinne Fionn agus na Fianna.
Fiannóir: Fiannaí: Ainmfhocal: Fireann = scéalaí a mbeadh an Fhiannaíocht aige; rianóir; scéalaí; seanchaí.
Fiannach: Aidiacht = aosta; sean; ársa; ann ón Díle [Focal Achréidh].
Fionnscaradh (: fc. na somplaí).

"Dhá theach déag a bhí ag Fionn; Dhá theine dhéag is gach teach, agus fear agus céad ar gach teallach" = Deirtear go mba shin é líon na Féinne /
"Dháréag a bhí ag Fionn: rinne fear aca lionn. Dúirt an fear seo agus an fear seo leis an bhfear seo agus leis an bhfear seo, gan a dhul tigh an fhir seo ná tigh an fhir seo go dteagadh an fear seo agus an fear seo tigh an fhir seo agus tigh an fhir seo" = Chuala mé mar sin go minic é, ach níor chuala mé aon-údar faoi. Is rud é a ngabhfá amú ann len a rádh sciobha. Is cosúil gur ingeall air sin a cuireadh le chéile é /["Dhá theach déag a bhíodh ag Fionn tráth mbíodh muid uilig ar bhruidhin Éile na Séan. Dhá teine dhéag agus rl." = leagan eile ar an gcéad sompla / Le sioc tús oíche a dhíol Fíonn na bróga (agus le sioc deireadh oíche a

cheannuigh sé aríst iad) = ní buan é an sioc tús oíche; má shiocann sé tús oíche, beidh báisteach ann roimhe mhaidin. Bhí a fhios ag Fionn nach mbeadh gádh le na bróga aige agus sioc tús oíche a bheith ann, ach leis an sioc deireadh oíche, thuigfeadh sé go raibh an aimsir ag dul ar chrúas]/ Caithfidh sé tuairt roimhe mhaidin. Is furasta aithinte air é. Sioc tús oíche i gcomhnaí. Le sioc tús oíche a dhíol Fíonn na Bróga / Le sioc tús oíche a dhíol Fionn na Bróga agus le sioc deireadh oíche a cheannuigh sé aríst iad. Sin é a fhearacht ag an oíche anocht é. Tiocfaidh sé in a bháistigh. [Bhí glaisriú seaca caite aige anocht shul a ndeachaidh an ghrian faoi. Tá sé ar a táirm fós, ach m'anam gur ag sioc as smúit atá sé anois. Smúit bháistí í sin. Níl oiread agus an réalt ar an aer.]/[Is aisteach na goití atá an aimsir seo a chur di fhéin. Níl oíche ar bith nach mbíonn sioc ann in ucht am suipéir agus báisteach as sin go maidin. Tá sé amhla aríst anocht. Cho siúráilte leis an saol déanfaidh sé scáird eicínt anocht aríst. 'Ar ndú' le sioc tús oíche a dhíol Fíonn na Bróga. Ní raibh néal ar bith air. Bhí a fhios aige nach cruas a bhí air]/ "Fios Fhínn, neart Ghoill agus buadh Chonáin" / D'imigh Fionn agus na Fianna = tá an dream sin básuithe, sean-bhásuithe; tá an mhaith nó an saol sin imithe anois / Bhí siad sin láidir. Níl a leithidí ann anois. Is fada go ngabhfadh daoine síos Gaillimh ar chíollacan anois. (céallacan). Dheamhan é dhá naomhthaí iad. D'imigh Fionn agus na Fianna a mhic ó / [Sea bhí pórtar ar dhá phínn, agus tobac ar thrí pínne, agus punt tae ar cheithre buínn. Ach d'imigh an saol sin. D'imigh Fionn agus na Fianna freisin / B'ait iad na sean-unndúirí go ndéanaidh Dia maith orra! Bhuailidís griosáil ar a chéile scaití, nuair a bheadh braoinín ar bord aca ach ní bheadh aon-chuímne air lár na mháireach. Dheamhan gangaide ná aicís a bhí ionta. Bhí siad go maith lá an anshógh. A is cóir adeir siad gur imigh Fionn agus na Fianna]/ An rud ba mhó a chuir náire ar Fhionn ariamh go mbeadh rud (beatha) in a bhéal agus gan é a bheith in a láimh = dhá dteagadh duine isteach ort le linn do bhéilí, agus gan aon-arán a bheith bruite agad ach rud nacharbh fhiú leat a chur in a fhiainis, nó dhá mbeadh an fheóil bearnuithe agad nó a leithide / In ndeireadh na bliana a rugadh tú. Dar fia níl aon-ghreim aráin san teach ach an méid sin, agus is dona liom a dhul dhá leagan in do mhiainis. An masla ba mhó a fuair Fionn

ariamh, rud a bheith in a bhéal agus gan é a bheith in a láimh / Ní cheideónainn ar chuid mhaith é. Dheamhan ceó feóla bruite ach a bhfeiceann tú, agus is mór liom a dhul ag cur duine ar bith taobh leis an mbeagán. Mo bholg fhéin is cionntaí. An rud is mó a chuir náire ar Fhionn beatha a bheith in a bhéal agus gan í a bheith in a láimh. Tá an láimh chumhang agamsa anocht ar chaoi ar bith / Fionn Mhac Umhail ní árdódh an chloch siúd = bhí an-mheachan innte. / Mharódh an poitín siúd na Fianna bhí sé cho láidir sin / Na Fianna(bh) Éireann ní bhfuigheadh an láimh in uachtar air siúd / "Cuimhnigh gurb é Rí na nGrást a rug buadh ar Fhiannta Fínn" [as Argóinteacht Oisín agus Phádraig] "B'fhearr É (: Dia) in aon lá ná Fiannta(bh) Éireann ar feadh an tsaoil" (ditto) / Ba é an Craosach Dearg sleagh na bhFiann (as scéal a chuala mé é) / Ceathach Mhac Fhínn (wak ʼīɴ ʼ) Rí Éireann = ainm scéil / Oisín Mhac Fhínn / "Na seacht gCatha breá a bhí ar an bhFéinn" / Ba é Oscar an fear ab fhearr a bhí ar an bhFéinn agus sén t-ainm a thugadh Conán in a dheidh sin air an Laighneach Leath-mhagairleach. Graiscín ceart a bhí in Conán / Ní chorródh seacht gCatha na Féinne as siúd é = duine nó rud a bheadh daingean do-chorruithe /[Dhá mbeinn leis ó shoin ní bhainfinn feannc as. Ní bhainfeadh ná seacht gCatha na Féinne. Tá sé in aon-tulóig amháin agad! / Bail ó Dhia ar do cuid gróití in éadan na cloiche sin. Dheamhan seacht gcatha na Féinne a bhain-feadh aon-ionntú aisti, tá sí cho geanntáilte sin ann. Mara gcuire "blast" as í. Níor mhóir di sin cheithre channda]/ Tá féith ó na Fianna in Patch. Go deimhin tá. Is furasta aithinte ar an dá chaol láimhe atá aige é bail ó Dhia air! = tá sé ag dul i gcosúlacht le na Fianna idtaobh spreacadh; tá dúchas na bhFiann ann / Leágha na bhFíann (: v ʼīn) ní leigheasfadh an té a mbeadh cancar air = ní féidir a leigheas / Deirim leat dheamhan leágha na bhFiann a leigheas fas í, má tá an cailín siúd in a crioslaigh. Ná bac thusa le na dochtúir. Déarfaidh siad sin rud ar bith leis an airgead a mhealladh uait /[Ní dhéanfadh leágha na bhFiann aon-mhaith don galra sin go dtuga sé a sheal. Caithfidh sé a sheal a thabhairt agus imeóidh sé uaidh fhéin annsin]/ Tá sé imithe amach ag fiach agus ag fionnscaradh inniu = ag fiach; ag seilg [focal a chuirtear le fiach. fc. fiach] /

Chuaigh sé amach an lá sin ag fiach agus ag fionnscaradh: "a sheabhach ar a bhois, a ghadhar len a chois, agus a chapall breá donn dhá iompar" / Tá sé ar dheireadh na Féinne (fc. deireadh) / Tá tú in t'Oisín indiaidh na Féinne = duine fágha in a chadhan aonraic idteach a mbeadh an mhuirín ar fad scaiphe nó básuithe; teach d'fhuighleach baile agus rl. /[Tá Seán anois in a Oisín indiaidh na Féinne. Níl beó dhá raibh ann ach é féin / Níl duine ar an bhFéinn aca nach mara chéile atá = ar an bhfeáin [deirtear "féinn" in áit "feáin" scaití san leagan seo fc. "feáin"] / Sé an fear is measa liom ar an bhféinn é]/ An bhfuil aon-fhiannaíocht agad = scéalta nó laoithe(annaí) fiannaíochta / Innis scéal fiannaíochta / Chaithfeadh sé oíche fhada áirneáin ag fiannaíocht / Níl aon-ghoir aige ar Bh. T. ag fiannaíocht. Níl sé indon an chulaith ghaisce a chur orra mar atá B. / B'aige a bhí an fhiannaíocht go ndéana Dia grásta air: Laoi Airicín Mhic Annagair, agus Laoi Shadhb na Sadhbhann Óige agus Laoi an Deirg agus a raibh aca ann /[Ba bhreagh í an fhiannaíocht an fhad agus a bhí sí ann. Ní aireochthá an oíche ag imeacht aice / B'fhearr go mór a bheith ag fiannaíocht ná an cheird a bhíos i dtithe cuarta anois: ag ithe agus ag gearradh ar an gcomharsa.] 'Ar ndú' ar chuala tú ariamh é, san áit a mbíonn fiannaíocht ní bhíonn diabhlaíocht = má bhíonn sean-scéalta dhá n-innseacht agus daoine ag éisteacht leó, ní bhíonn aon-droch-chaint, aon-bhiadán ná aon-tseamsánacht ann /[Ba mhó an sásamh a bhí ar an saol le linn na seandhaoine. Ní iarrfaidís go deó ach ag innseacht scéalta. Agus] ní raibh fiannaíocht agus diabhlaíocht ariamh in éindigh. [Is cuma leis an líne atá ann anois é ach a bheith ag bearróireacht agus ag baint fogha agus easbaidh as chuile dhuine. Diabhal áird ar bith a bheadh ar aon-scéal aca. Ba mhór an tsiamsa iad na scéalta muis]/[Eirigh as an nathaíocht sin agus innis amach scéal breá. Nach bhfuil "Turas Fhínn go Crích Lochlainn" agad? … Is mór an-feáll muis. San áit a mbíonn fiannaíocht ní bhíonn diabhlaíocht adeir siad.]/ Chaith siad an oíche sin trian le fiannaíocht, trian le scéalaíocht, trian ag ól beóir agus fíon dearg na Spáinne = rinne siad trí treanna den oíche: trian le rianaíocht, trian le fiannaíocht, agus trian suain agus sámhchodlata, nó gur gheal an lá lár na mháireach = chaith siad an oíche sin trian le fiannaíocht, trian le scéalaíocht, trian idir throm-shámh agus síor chodlata" = chaith siad an oíche sin trian le fiannaíocht, trian le scéalaíocht, trian ag ól fíon de chruithneacht dearg na Spáinne =

seóraithe sna scéalta [chuala mé iad seo ar fad, agus tá leagain eile orra freisin] / Tá fiannaíocht ar an uair a bhí sé sin i mBaile Átha Cliath = Is fadó an lá é; tá innseacht air; tá liostachas air /[Tá fiannaíocht ar an uair a bhí daoine sna sean-bhallaí sin. Dheamhan é le céad bliain nó tuilleadh. An bhfuil a fhios agad cé a d'innseódh é sin anois duit? M. an Ch. Tá na sean-liagáistí sin ar fad aige]/ Níl a fhios ag aonduine cáide go stopa an "rationáil" seo. Beidh fiannaíocht air. Dheamhan é nó go bhfairsingighe rudaí thar cíonn aríst. Más fíor go bhfuil muinntir ná dtíreannaí amach ag fáil bháis leis an ocras … Ní cás duinn é annseo, agus greim ar bith a fháil /[An tóchar sin a dhéanamh! Sin scéal a mbeadh fiannaíocht air marach gur casadh an bhó mhór sin timpeall. B'ait a thapuigh mé é! Bhí sé in a shuí thíos ar cholbh an Characáinín théis a bheith ar snámh. Ag bailiú glaicín chuailleachaí shoir ar an Meath-Dhúirlinn a bhí mé fhéin. "Lá breá é" adeir sé … Bhain muid amach san seanchas. "Gaeilgeóir thú" adeirimse. "Ní hea" adeir sé. "Ag fámaireacht atá mé". D'fhiafraigh sé annsin tuige na cuailleachaí. D'innis mé fhéin dhó. Ach le scéal gearr a dhéanamh dhó, chaintigh mé ar an tóchar, agus go raibh an talamh báite cheal a dhéanta. "An 'sbainfeá dhom é" adeir sé … = ní dhéanfaí go ceann fada é, agus bheadh a lán cainte agus scríbhneóireacht air]/ Ag fólaim Ghaeilge atá sé ab ea? M'anam muise go mbeidh fiannaíocht air shul a bhéas aon-Ghaeilge aige. Níl focal in a phluic. / Beidh fiannaíocht air shul a bhéas an teach nua déanta. Níl ábhar ar bith le fáil anois / M'anam muise go bhfuil fiannaíocht ar an lá sin anois: an lá ar tháinig sé isteach annseo ag iarraidh an chléibhín. Nach ag iarraidh cléibhíní a fheicimse chuile lá é! Má chuirtear faoi mo mhionna mise san gcúirt, déarfaidh mé nach gcuimním air — agus ní chuímním / Tá fiannaíocht ar an uair a bhí ceirt na n-easbaí annseo. Dheamhan é leis an tsíorraíocht / Ba bhreá an Fiannóir é G. = rianóir; scéalaí fiannaíocht / An-Fhiannaí a bhí ann. Níl aon-scéal déanta nach raibh aige /[Bhíodh Fiannóir maithe annseo roimhe seo, ach ba bheag an ghoir a bhí aca ar na Fiannóirí a bhíodh sna bólaí sin siar faoi Iorras Aithneach]/ M'anam gur Fiannaí mór é. Ó L. a thóg sé uilig iad. Ní raibh cinneadh go deó le L. Ní raibh aon-dhuine de sheacht gCatha na Gnáth Fhéinne dhá raibh i bhFormaoil na bhFiann nach raibh sé indon a innseacht amach indiaidh a

a chéile. Déarfá go raibh meabhair chinn aige /[Chuala mé P. Gh. ag rádh go raibh a athair agus sean-fhear eicínt eile ag siúl amach as Gaillimh oíche. Thosaigh a athair ar an scéal i mbéal B. na T. D'ól siad pionnta i mB.; péire ag an S.; ceann tigh Bh.; tigh Ph.; tigh J; tigh W. Uí Fh. Níor tháinig iadadh air ar an bhfad sin ach ag innseacht an scéil! "An bhfuil aon-bhaol ort fós", adeir an fear eile leis ag bóthar Ch. "Níl" adeir sé. "Gabhfaidh muid an timpeall mar sin Bóthar an T. agus síos D. Fh." adeir an ceann eile. Chuaigh. Ag Bóithrín Ch. a bhí siad ag scaradh ó chéile. "Ceadh nach bhfuil sé gar dhá bheith críochnuithe feasta", adeir an fear a bhí in éindigh leis. "Níl mé ach cur éadain air" adeir sé. "Tá triúr de na fathachaí marbh, agus bhí seachtar ann". Ba shin é an Fiannaí!]/ Sean-fhear fiannach é = sean; aosta / Sean-acra fiannach é an deimheas = tá sé ar an saol le fada / Sean-teach fiannach é miosaim (: measaim). Tá sé annsin le linn na bhfear / Is sean-ghnás fiannach é sin san tír seo. Ach tá an aos óg ag leigean as. Níl suim ná suaiméad ag na daoine óga i rudaí mar sin. Is cuma leof é ach a sáith báire a fháil. / Is fadó fiannach nach bhfaca mé é = ní fhaca mé é le fada an lá / Is fadó fiannach an lá nach raibh mé ar aonach an S. anois. Dheamhan é le mo chuimhne. Tá an bealach ro-fhada agus gan gnaithí ar bith ugam ann /[Is fada fiannach san bpobal seo é anois. Indar liom fhéin ba chóir dó a bheith idir deich mbliana agus trí fichid agus na ceithre scóir. Tá sé annseo ag dul un dhá scór / Is fadó fiannach an lá nar ól sé deóir ar bith. Thug sé suas uilig é. Ní theigheadh sé go maith dhó. Bhíodh an breathas air ag troid dhá mbeadh súmóigín ar bith óltaí aige]/ Is fada fiannach a chaith sé ag múineadh scoile annseo thíos. Ní feasach duit céard is cor dó chor ar bith anois, nó an maireann sé? Má mhaireann, is maith an aois atá aige / Bóthar fiannach é sin. Tá sé i léig anois, ach deireadh na seandaoine i gcomhnaí gurbh é an chéad bhóthar a bhí annseo é. Is gearr an bóthar seo déanta chor ar bith / Roillig fhiannach í sin. Níl áiriú ar bith ar a bhfuil curhaí inte /

Fionnarán: Ainmfhocal, Fireann: fear a mbeadh gruaig ruadh air [i scéal amháin]

"Cé hé an fionnarán fionn sin ag bualadh báire amuigh ar an mbán" adeir sé? "Sin é Fionn Mhac Umhail", adeir an fear eile.

Fionn: Aidiacht; Réimmír aidiachtúil, Ainmfhocal Teibí = Dath, cineál bán.

Faon: Fionn: Réammír Aidiachtúil = meath-; scoth-; roinnt, beagán.

[Fuaim, Fionn, Fíonn, Faon (fīn), fiúnn]

Fionn: Ainmfhocal, Fireann [níor chuala mé aon-chlaochlódh tuisil air]
= péarla nó scamall ar shúil capaill, duine etc. [Fuaim: fionn; fíonn]

Fionnuartas: Fionnuardas: Fionnórtas = Ainmfhocal: Fireann = Féith
-uartas; fuacht beag le linn aimsir mheirbhe; scáth; nó aghaidh
gaoithe agus cúl gréine ar aimsir bhróllaigh; beochan gaoithe; réidh an achair

Fionnuar: Aidiacht ag freagairt "d'fhionnórtas" = féith fhuar; etc.

Fionnú: Ainm-Bhriathar = solas ag teacht ar éigin, in a léas shuaite

Bhí faon-oscailt ar an doras ["faon-oscailt" adeirtear go minic, ach
tá fíonn-oscailt freisin ann] / = oscailt bheag; gan é a bheith dúinte
ar fad nó é a bheith leath-oscailte / Fuair mé faon-oscailt ar an
doras agus shiúil mé isteach / Fág an doras ar faon-oscailt (nó faon-
oscluithe). Is mór an fionnórtas é ar an meirbheadas seo /[Cé a
d'fhága an geata ar faon-oscailt? Nach bhfuil a fhios agaibh go maith go
bhfuil na hasail sin ag forcamhás go dteaga siad isteach ar an
tsráid ag smalcadh / Níor chuir tú an maide san mbearna sách maith.
Nuair a fuair siad (: beithigh) faon-oscailte í, leag siad ar fad í]/
Ní dheárna mé ach fíonn-oscailt a thabhairt ar an doras agus mo
cheann a chur isteach. [Nuair a chonnaic mé an teach bán chrap liom
aríst]/ Tá fíonn-oscal san doras = siunta a dtiocfadh an solas
isteach thríd, nó cláirín a bheith imithe as [tabhair faoi deara gur
"san" atá san leagan seo agus nach "ar". "Fíonn" adeirtear i gcomhnaí
san gcás seo, agus ní "faon"] / Céard a rinne an fíonn-oscal sin san
doras. Tá an gath gréine isteach ann. [An clár atá imithe as? Duine
eicínt a thug "pound" dó. Nach bhfuil a fhios agaibh go bhfuil adhmad an
dorais sin cho lag leis an luachair?]/ Tá fíonn-oscal san doras. Ceann
de na cláir atá ar bogadh. Ní mór cupla táirne a fháil agus é a dhaingniú,
nó brisfidh sé ó chéile ar fad / D'fhága diabhal eicínt agaibh — croisim
aríst sib! — an drisiúr fíonn-oscluithe agus chuaigh na cuit isteach ann
gur dhóirt siad an bainne. Slán a mháithreach! Is mór an
scrios é, bainne a chur amú mar sin / Bean fhionn (fhíonn) í / Tá
sí fionn-bhán / Fear fionn-ruadh é / Ní ruadh atá sé ach fionn-ruadh /

Níl sí an-bhán mar sin. Fionn-bhán atá sí / Gruaig fhionn-bhán atá ar Ch. / Dath fionn-bhán mar sin atá ar a cuid éadaigh / Cén sórt rudaí na rudaí fionn-ruadh sin atá ar fhuinneóig Ph. le díol. Is geall le líomáintí iad marach an dath / Níl dath gruaige ar bith is slachtaire ná dath fionn a bheith uirre. Is gránna an rud a bheith ro-ruadh. Gile na ruacha an ghile gan bhuíochas / Níor tháinig fómhar na mban fionn fós. Sé an seachtú fómhar den chogadh é. Beidh an diabhal aerach an uair sin as cionn na hÉireann. Beidh muilleóir thart síos. Peadar Risteard a bhéas air, agus dhá sháil ar leathchois leis. Beidh an t-éan dubh ar an mbóthar. Sí an séamhadh bliain déag a bhéas sé ann. "An séamhadh bliain déag beidh Éire dearg le fuil 'San seachtú bliain déag séard déarfas na mná: 'mo léan cá ndeachaidh na fir'" = giotaí den targaireacht. Is mór i gceist "Fómhar na mBan fionn" san targaireacht chéanna. Sé an fómhar é a mbeidh na fir imithe san gCogadh, agus siad na mná a chaithfeas an obair a dhéanamh / Sí is finne dheise dhá bhfaca mé ariamh = bean shlachtar / [Sí an bhean is finne dheise í dhár chuir aghaidh le aer ariamh / Sí bláth na finne í = planndóig mná]/ Síleann sí fhéin gurb í bláth na finne í, ach ní shíleann aonduine eile é = spéir na gréine / Tá sé as fhéin anocht. Cár fhága sé craobh na finne = bean bhreá; [ach níl annseo ach fonóid. Le fonóid adeirtear na rudaí seo anois]/ Th'anam ón diabhal doirt isteach le cúl na finne! / Cés fhearr leat scéimh na finne ná scéimh na doinne = an fearr leat bean fhionn ná bean donn (bean ghruaige dhuinne) = do you prefer a blonde to a brunette? /[B'fhearr liom fhéin scéimh na finne i mbean / Cé uaidh ar thug sí sin scéimh na finne. Bhí a máthair cho geal le easóig]/ Buí a bhí sí chun tosaigh agus tá sí ag dul 'un finne anois = tá gruaig fhionn ag teacht uirre; is beag a bhíos eatorra / Tá an coirce ag dul chun finne = ag buíochan; scathamh th'éis a dhul i ndéis dó /[Is gearr eile a gheobhas sé anois, nó go dtosuighe sé ag dul 'un finne. Is breagh an déas atá amuigh ag an ngarraí sin thíos / Beidh moill ar an bhFómhar i mbliana shul a dteighe sé i bhfinne. Ní bhfuair sé a dhóthain gréine.]/ Tá an chruithneacht i bhfinne ach níl sí in alt a bainte mar sin fhéin / Tá mac Sh. Ph. Mh. ag dul siar agus an capall ceann-fhionn aige / Cáil sé ag dul leis an láirín cheannfhionn? / Capall ceann-fhionn

ciarghlas a bhí aige an uair sin / Tá ceannfhinn bhán san gcapall atá aige anois = scead innte / Cé leis an searrach sin a bhfuil an cheannfhinn bhán ann? / Tá sé ag dul ag pósadh adeir tú. Cé hí an chúilfhionn? = an bhean; an phlanndóg / Sé an chaoi a mbíonn sé níl bean sheasta ar bith aige, ach a speal a bhaint as chuile chúilfhionn / [Tá druimfhinn (druimfhionn) bhán san mbó sin aige / Gamhain druimionnach é, agus an-síneadh faoi]/ Teagann dáir ar bheithigh leis an bhfionnuartas = aimsir a thiocfadh buille fuar agus croidhiúil tharéis meirbh-eadais; an casadh nó an cor fuar a thigeas i lá meirbh samhraidh teacht an trathnóna; beochan gaoithe; cúl gréine agus aghaidh gaoithe etc. /[Gabhfaidh mé amach ar an bhfionnórtas. Tá an teach an-te = lá samhraidh nuair a bheadh an-bhruthaíl san áit istigh / Siúil uait soir faoin sceich ar an bhfionnórtas = ón teas / Bhí fionnórtas breagh agaibh annsiúd faoin gclaidhe.]/ Teigheann na beithidhigh in órán le fionnuardas a thabhairt dóibh fhéin = amach i gcladach locha etc. ar theasbach /[Tá fionnuartas san ngarraí siúd dhá ndeasuídís isteach faoi na sceacha agus na tomachaí, ach ní dheasóidh. [Is fhearr leo a ndrioball a chur in áirde agus tosuighe ag caitheamh claidheachaí = beithigh ag rith le fíbín]/ Níl aon-fhionnórtas in áit ar bith inniu ach ag an bhfarraige. Ba bhreá an rud caitheamh dhíot agus síneadh san uisce / Oscail an fhuinneóig sin agus leig fionnuardas chugam. Tá mé bruite /[Tá fionnórtas san trathnóna anois. Theastuigh sin uaidh. Ba bhróllach an lá é. / Is mór an t-íonadh nach gcailleann an áit istigh thú. Breá nach dteigheann tú amach ar na bhfionnuartas duit fhéin. Lá aoibhinn amuigh é / Ní fionnórtas a theastaíos uaimse ach teas. Tá na creaití fuaicht orm / Cuirfidh an deoladh beag (gaoithe) seo fionnuartas san lá]/ Thug an méid sin fhéin fionnórtas dhó ón bpian = fóiríint, réidh an achair / Thug an dochtúr deoch shuain dhó agus fuair sé fionnórtas breá go ceann cupla uair / Tá a cholainn ag bruith le teas. Nímé a mbeadh rud ar bith a thiúrfadh fionnórtas dó. Deoch ná tada / Níl fionnuartas ná fóiríint le fáil ar an bpian in Ifreann. [Má theigheann tú ann, tá tú ann, agus as ní thiocfaidh tú / Tá sé ag dul thríd aoidheo anois, agus fionnórtas beag aige ar an tinneas.]/ Tá sé buille fionnuar anois le scathamh. Is mór is fiú an beóchan gaoithe sin / Lá breá fionnuar é míle buíochas le Dia / Tá tú teáltuithe dhuit fhéin

in áit fhionnuar go leór. Ach ní sheasfadh duine ar aghaidh na gréine inniu. Tá an fiach dubh ag cur a theanga amach / Tá fionn (fíonn-Conamara) ar a shúil = í ag déanamh lochógaí uisce, nó deirgeadas a bheith inte; scamall nó péarla a bheith uirre /[Tá fíonn eicínt ar a shúil, agus tá na dochtúirí i bhfaitíos go gcaillfidh sé an t-amharc ar fad. Níl ann ach go bhfuil an bhánshoillse inte]/ Scamall a thiacht ar an tsúil: sin fíonn": (Seán Ráinne; Leitir Mucú, Casla) / Tá fionn ar mo shúil le neamh-chodladh. Níor chodail mé tionuar le cheithre oíche = deirgeadas, agus lochógaí uisce a bhí i gceist san gcás seo / Bhí fionn ar leathshúil an ghearráin = péarla nó scamall / D'eirigh barr na slaite ar an tsúil leis (: le gamhain) agus tháinig fíonn uirre. B'fhurasta aithinte air é. Chuaigh muid in éadan, ach chinn orainn a bhaint di in a dheidh sin. Chuirfeadh sé siar ar an aonach é /[Bhí tochas in a shúil agus thosuigh sé dhá scríobadh, agus tháinig fionn uirre. Níor léar dhó tada in imeacht míosa léithe]/ Chonnaic mé solas an lae ag fionnú i gcomhlaí na fuinneóige = ní bheadh ann ach go dtiocfadh sé thrídh na siuntaí ar éigin /[Bhí an fhuinneóigín cho beag sin agus nach raibh ann ach go raibh an bhán-soillse ag fionnú inte / Feicthear dhom go bhfaca mé dé eicínt ag fionnú ag Árd T. D. mara duine eicínt a bheadh ag lasadh "match" é.]/ Níl tada ach go mbeadh an prionnda ag fionnú in mo shúil d'uireasa na spéacláirí / D'aithneochthá go raibh solas an lae ag fionnú thoir, ach sé a raibh ann é /

Fionntarnach: Ainmfhocal Buineann = cineál fiataíle nó cíbe a fhásas ar mhótaí agus ar thalamh a bheadh i bhfad gan saothrú, agus nach n-íosfaí an fhéar de. Bíonn sí idteannta an fhraoigh freisin ar fhiarachaí nó ar riascannaí. Níl sí neamh-chosúil le caonach. Dath bán atá uirre (dearg atá seisceallach). Fuadaíonn an ghaoth san bhFómhar í. Easair mhaith bheitheach í. Cuirtear thrídh chíb l'aghaidh dín í freisin. [Fuaim fionntarnach. Ní fíonntarnach ná fiúntarnach]

[Tabhair leat an fhionntarnach sin freisin. Tá sé cho maith leis an bhfraoch / Tá na barra garbha siúd aige uiliog ag déanamh fionntarnaí cheal a saoth-ruithe]/ Gheobhaidh tú neart fionntarnaí suas ar na mótaí agus ar na riascannaí sin suas, má tá sé de rath ort a dhul dhá hiarraidh / Tá fionntarnach ag imeacht le gaoith inniu, tá sin /

Feamainn: Ainmfhocal: Buineann: Uimhir Iolraidh: feamainneachaí; ach ní bhainfí mórán leas as Uathaidh dó indáil le i gcomhnaí .i. "na cineálachaí feamainne etc. Feamnach adeirtear san Ainmneach ar an Achréidh. Geiniúnach Uathaidh: na feamnaí. [má bhíonn aidiacht le feamainn, sé sin cineál feamainne, ní bhíonn aon-chlaochlódh tuisil ann go háirid "feamainn dearg"]
Feamainn: craobhógaí, cuailleachaí, slata nó dosáin a theagas isteach san mbruth faoi thír, nó a fhásas ar chlocha agus ar leacrachaí an chladaigh.
Feamainneach: Aidiacht = [faoin ngruaig] = craobhach; lúbach; "gan í (an ghruaig) a bheith ag luighe anuas ceart".
Feamnadh: Ainmbhriathar = a bheith le feamainn; dhá cur ar bruach nó amach ar na garr-anntaí le capall, asal nó eile; a bheith ag baint fheamainne agus dhá cur suas.

Tá an iomad cineálachaí feamainne ann: feamainn dubh, feamainn dearg, feamainn bheag, feamainn bhoilgíneach, míoránach, rocálach, rúálach, cáitseach, cáilíneach, coirleach, liúrachaí, feamainn bhuí, barr -cuanla etc. / Sí an fheamainn dubh a fhásas ar na clocha amach go dtí diaidh thráigh rabharta móir. Leasú maith í. Baintear san Earrach í le sceanna, agus cuirtear amach ar thalamh fataí í. / Feamainn Dearg: dath dearg atá uirre. Teagann sí isteach san mbruth faoi thír ar feadh na bliana le cóir ghaoithe. Baineann oibriú na farraige de na leacrachaí agus de na bráideannaí domhainne í. Cupógaí móra dearga a bhíos innte agus slata mara agus cuailleachaí thríthe. Cuirtear amach in a sean-leasú ar an talamh í ó Mhí Dheireadh an Fhómhair, ach fóineann sí do leasú ar bith / Feamainn bheag nó caisíneach: in uachtar an chladaigh a bhíos sí. Ní chuirtear amach ar leasú ar bith í. Rud rosach í. Roimhe seo bhaintí le haghaidh ceilpe í agus le líon a ghealadh. Nuair a bhíodh an líon sníofa, nídís iarnaí dhe. Agus é in a iarnaí theighidís agus bhainidís an fheamainn bheag .i. an fheamainn bhoilgíneach chaisíneach. Triomuídís í, agus annsin dhóigh-idís í agus nídís ceilp di. Chuiridís síos na hiarnaí snáth san bpota annsin, agus cnap den cheilp .i. an rud a ghealfadh an snáth, a chur síos in éindigh leó. Thugaidís leó an hiarnaí annsin agus chuiridís maide is chaon chloigeann dhíob, agus scaraidís amach ar an talamh é (: an snáth). Ghealadh sé annsin / Feamainn bhuí: ó leath-trágha go diaidh-tráigh atá sí. Fásann sí in a ladhrógaí; thríd an bhfeamainn dubh. Is leasú maith í, ach

ní fuláir gan a fágáil caite as cionn a chéile nó dhreoghfadh sí gan moill ar bith, agus dhéanfadh sí cnuimhe shul a bhféadthá freastal di agus a cur amach ar an ngarraí / An fheamainn mhín: cineál feamainne a fhásas ar na ceanna slat. Scóthach a thugas daoine uirre ach ní mara chéile baileach iad. Is mó agus is troime na dosáin scóthaí ná na fheamainn mhín. Tá an dosán cearnógach mórán agus billeóga amach air in a ngabhalannaí. Amach in aice an coirlí a bhíos sí. Baineann an fhairrge í, agus teagann adhairteannaí móra di i dtír faoi Fhéil San Seáin nó taca an ama sin. Ní mórán a chuirtear ar leasú í, mar ní bhíonn aon-chur le déanamh san am a dteagann sí le tír, mara mbeadh turnapaí féin ann / Feamainn ghainimh = feamainn dubh a bheadh anonn agus anall ar thráigheannaí nó ar mheath-dhúirlinneachaí, nó feamainn dearg a bháithfeadh súiteán na farraige san ngainimh. Ní thaithníonn sí le talmhaithe. Cuireann sí an talamh chun salachair. Ach chuirtí amach idir stucaí an arúir san bhFómhar í mar shean-leasú roimhe seo. Is annamh a bhactar anois léithe / Feamainn gheimhridh = feamainn an tsean-leasuithe = an fheamainn a thigeas sna cladaigh ó dheireadh an Fhómhair go Lá Fheil Bríde. Feamainn dearg, troscar trágha agus rl. / Cas-fheamainn: is beag nach mar an gcaisíneach nó an fheamainn bheag í. Tá sí catach ar an gcaoi chéanna agus níl aon-mhaith inte le haghaidh leasuithe. Sé mórán an áit chéanna a mbíonn sí san gcladach, ach gur híochtaraí í de bheagán ná an chaisíneach / Cosa feamainne: cineál luibhe a bhíos i ngarrantaí. Bhaintí í le linn ganntann an tobac, thriomuithí í, agus chaití i leabaidh tobac í. Tugtar cosa préacháin freisin uirre / Feamainn reatha = cáitseach nó rúálach nó feamainn a bheadh ag imeacht leis an bhfeacht nó ar an bhfarraige. / Feamainn aon-choise: má bhíonn feamainn fágha in a fás dhá bhliain nó trí bliana, bíonn sí ar aon-chois. Dhá bhfaghadh duine feamainn ar aon-chois, ní i bhfad a bheadh sé ag baint glac mhaith di. Fás maith dhá bhliain, bíonn sí ar aon-chois / Feamainn ghaoithe; feamainn le gaoith: feamainn a bhaintear amach ar na scóthachaí nó ar na mulláin dhomh-ainne san gcladach áit nach mbíonn sé in araíocht a cur ar bruach as le capall, asal, ná leis an druim féin. Baintear í agus scaoil-tear le gaoith nó san sruth í, agus tiúrfaidh an taoille tuile isteach

ar an tráigh í. Cuirtear sreangáin bheaga ar chosa na feamainne, i gcomharaíocht aithne, agus má theigheann sí i gcladach baile ar bith eile, ní dhrannfar léithe. / Feamainn scine = an fheamainn atá ar chlocha an chladaigh agus a bhaintear le sceanna .i. feamainn dubh, bhuí, míoránach, barr-chuanla etc. /[Go leágha an diabhal é, mar scéal, ní thóigfeadh duine ar bith feamainn scine agus a fhiosacht aige (dó) gur duine eicínt eile a bhain í.]/ Mara bhfuil feamainn scine aige tá feamainn tirm aige: trí choca dhi = feamainn dearg a thóigfeá as an mbruth faoi thír agus a thriomóchthá thuas ar ionnlach, agus a chocfá nuair a bheadh sí tirm. Cuirtear ar thurnapaí amach san samhradh í, nó díoltar le muinntir an tsléibhe nó muinntir Achréidh í nó ritear in a ceilp í / Tá snáth maith feamainne istigh / Tá scaipiúch bheag fheamainne annsiúd agus ba cheart daoibh a bailiú / Níl dosán feamainn dearg ann, th'éis a raibh de ghaoith andeas ann le seachtain. / Tá an-adhart fheamainne istigh. Tá: airde crann báid / Fuair sé an-phul feamainne le dhá lá / Bhí sé ag sciobadh feam-ainn dearg le trí mhaidin = a dhul san gcladach de shiúl oíche nó deireadh oíche agus an snáth a scoilteadh idtosach ar aonduine eile. Bheadh sé agad uilig annsin duit féin, agus ní fhéadfadh aonduine a dhul in a bharr ort. Ach roinntear an fheamainn dearg in áiteachaí fós. Ceaptar a chion féin do gach duine de réir fairsinge a chuid talúna, agus caitear crainnte annsin uirre. / Tá soipíneach beag feamainne istigh / Is diabhlaí an sraith feamainne — feamainn reatha — a chonnaic mé amach ó charraig Bh. T. inné agus mé ag tógáil na bpotaí / Ní chuireann sé dhá scuabán feamainne is gach cliabh / Caithfidh mé malach (: bord, bóirdín, feánnach, ualach etc.) feamainne a thabhairt aníos / Níl mórán feamainne ar an roinn údan. Meastú an seasfadh sí sé bhoirdín don asal? / Tá luascán feamainne fágha thíos fós / Ní theagann lucht feamainne ar bith anois / B'iomdha lucht feamainne a cheannuíodh muid fadó / Cuir ceóbáinín beag eile feamainne ar an iomaire sin /[Tá sé le feamainn inniu = in éadan feamainne; ag cur fheamainne ar bruach, ná dá baint, nó dhá cur amach ar na garran-taí]/ Tá tú as feamainn muis mara scara tú fhéin agus an codladh le chéile / Ag baint fheamainn ghaoithe atá siad ar an mbranra / Bhí feamainn le gaoith isteach inniu / Is maith í an fheamainn ghainimh sin ag

an talamh muis! Diabhal breág nach maith! Cuirfidh sí ainnleóg ann / Tá plás mhór feamainn reatha amach leathcuain, agus má theagann sí chun tíre, beidh feamainn tirm ag na B. go ceann deich mbliana. Tá a fhios agam go maith gur leo a eireós sí! Tá an iomarca spreallaireacht ar an gcuid eile den bhaile! /[Tá feamainn ar aon-chois san gclochar siúd. Ní bheidh achar ar bith orainn cúig nó sé de bhoird a bhaint ann. / Is gearr a bheitheá ag baint an oiread agus a leasódh an garraí sin, dhá bhfáiteá an fheamainn ar aon-chois. Ba cheart go mbeadh fás sna cladaigh siúd. Cladaigh dána iad, agus níl siad cho gann fúithe agus atá muide aniar annseo]/ Ní bhfuair tú aon-spóirt go hiomdha, ach ag feannadh na roinne siúd. Feamainne aon-choise uilig atá uirre. Tá sí in a sraith ann. /[Níl aon-tsop ag gabhail leis ach feamainn aon-choise. Is furasta dhó cur fhéin a dhéanamh. Tá fairsinge cladaigh aige, agus féadfaidh sé í a leigean suas in a fás. Ní ag crinneadh na gcloch is call dó a bheith fearacht tuille]/ Bíodh an fheamainn aige! Cén bheann atá againn air? = teigheadh sé ag an diabhal; let him go to hell / Bíodh an fheamainn aice fhéin agus ag a cuid féir! Tá an féar se'againn fhéin le cur isteach fós, agus sé is mó cás linn / D'fhága tú an t-asal amuigh. Bíodh an fheamainn aige! Ní mórán a ghoillfeas oíche air! / Bíodh an fheamainn ag an scoil! Caithfidh siad fanacht san mbaile inniu ar chaoi ar bith. Lá san gcéad a choinním san mbaile iad (páistí) / An bhfuil sé ag feamnadh aríst inniu? Le capall agus srathair? /[Ag feamnadh a ghabhfas mé amáireach faoin a bheith slán duinn. Tá díol lae ar bruach agam, agus leasóidh mé an garraí sin thoir as láimh / Céard tá do chinnire fhéin a dhéanamh inniu? … ag feamnadh bail ó Dhia air! Teastuíonn sin fhéin. Dheamhan sop a chuir muide amach fós i mbliana / Nuair a bhíodh muid ag feamnadh fadó, dhá dteightheá de léim den talamh ar an gcapall ar chúla na srathra, ba mhinic a bhainfeá léim rúitín aice / Más ag dul ag feamnadh atá tú, ní mór duit failicín choirce a thabhairt don asal sin. Níl sé indon malaigh móra a thabhairt in aghaidh droch-árda ar phutóg -aí falamha]/ Sí an cheird is luar liom beó a bheith ag feamnadh. Tá sí an-tsraimlí. Níl snáth ar mo chraiceann nach bhfuil fliuch báite, de bharr mo lae agus gan baol ar bith orm a bheith réidh léithe fós / Dóigheann an fheamainn dearg sin an talamh ar fad. Ní bhíonn uirre ach sbogáin d'fhataí / Tá a cuid

gruaige an-chuileach, an fheamainneach / Tá folt air agus í cho feamainneach len a bhfaca tú ariamh / M'anam nach bhfuil aon-chall di sin aon-chataíl a chur inte, go bhfuil a cuid gruaige sách feamainneach cheana aice bail ó Dhia uirre. [Ach chreidim nach mór léithe a bheith san bhfaisean ach an oiread le duine. Sin é an chaoi a n-imíonn an t-airgead, 'ar ndú'.]/

Fómhar (: fûwər): Ainmfhocal; Fireann: Uimhir Iolraidh: Fómhair; Fómharachaí. Fómhar: an ráithe ó Lá Lúnasa go Lá Samhna; aimsir bhainte agus chrapha an bhairr.

Seo é fómhar na mban fionn (fc. fionn) / Ná santuigh caora an fhómhair agus na pós an cailín Domhnaigh (fc. Domhnach) / Is geall le péist fhómhair é (fc. péist) / Ní bhíodh de chuilín fómhair ann an bhliain sin ach cuirp sábhála Dia sin (fc. cuilín) / Tá siad ag baint an Fhómhair /[Beidh an-scímhle ar spailpíní ag dul ar an Achréidh anois ag baint an Fhómhair]/ An bhfuil an fómhar crapha siar agaibh fós? = tárluithe isteach san iothlainn / Ní bheidh aon-fhómhar den rath ann i mbliana mara bhfuil ag Dia = barr / Bhí sé am eicínt amach (thall) san bhfómhar = uair eicínt amach san bhFómhar a bhí ann ("Lá Fheil Muire Mór thall san bhFómhar") / Ní thigeann fuacht go hEarrach ná teas go Fómhar = ní san samhradh is mó a bhíos an teas ach san bhfómhar; san Earrach agus ní san ngeimhreadh is measa an cruatan /[Tá an uair seo bróllach. D'fhéadfá bróllach a thabhairt uirre. Ach deir siad nach dtigeann teas go Fómhar / Ní san samhradh is meirbhe a theagas an uair, ach amach san bhfómhar, aimsir bhaint' an choirce. Ní thigeann fuacht go hEarrach ná teas go Fómhar 'ar ndú']/ Samhradh Riabhach: fómhar grianmhar = má bhíonn sé fliuch san samhradh, tiocfaidh grian agus bruthaíl san bhfómhar / Tiúrfaidh sé teas agus aimsir bhreá uaidh romhat amach anois. Samhradh riabhach: fómhar grianmhar, adeir siad. M'anam go raibh an samhradh seo riabhach, ní ceasacht ar Dhia é. Dar mo choinsias bhí /[Beidh fómhar grianmhar ann. Ní mór dhó sin ar shon an tsamhraidh. Tá mé ag ceapadh nach -ar tháinig aon samhradh go hiomaí ba riabhaí na é. Chuile lá ag baint fearasbar dhá chéile. Sin é an chaoi a raibh sé. Beidh sí in a "bliain an bhrosna" mara dteaga aon-triomach as seo go ceann míosa leis an móin a thriomú]/ Samhradh riabhach béal-gharbh a bhí ann. Tá fómhar breá

grianmhar dlite duinn / Gaoth an Fómhair taobh ó dheas = seo é adeirtear / Gaoth andeas a thiocfas anois go bhfeice tú suim achair. Gaoth an Fhómhair taobh ó dheas, adeir siad. / Trathnóna fómhair: clocha i bpoll móna = níl aon-mhoill ar thráthnóna fómhair ach mar a bheitheá ag caitheamh clocha i bpoll móna = níl i dtrathnóna fómhair ach mar chaithfeá clocha i bpoll móna [= téaltuíonn sé leis an-sciobha, agus tuiteann an oíche gan aireachtáil / Déan deifir anois, agus réitigh thú fhéin le theacht abhaile, nó ní bheidh muid ann ó ló. Trathnóna fómhair : clocha i bpoll móna, adeir siad / Ní féidir go bhfuil sé in a chontráth! Dar brí an leabhair tá! Sí an oíche is goirde a d'airigh mé ag tuitim ariamh í. Ach sin é é. Ní bhíonn aon-mhoill ar thrathnóna fómhair ach mar a bheitheá ag caitheamh clocha i bpoll móna / Seo! Corruigh leat! Beidh sé in a n-oíche dhubh orainn. Bíodh a fhios agad nach bhfuil i dtrathnóna fómhair ach mar chaithfeá clocha i bpoll móna.]/ Gealach Shathairn agus í a theacht san bhFómhar. Uair san seachtú bliain ba mhaith leis an máirnéalach a feiceál = tá geis ar an ngealach Shathairn a theagas san bhFómhar. Tugann sí droch aimsir, feothan agus fearadh ghráin léithe / Gealach Shathairn í seo. Agus san bhFómhar freisin. Is olc í sin. Ní mholfadh an máirnéalach í, adeir siad. Uair san seachtú bliain a d'iarrfadh sé a feiceál. /[B'fhurasta aithinte. Gealach Shathairn a bhí ingealach bhreacachain an choirce an fómhar seo. Is cóir a tháinig an chaint isteach in a dheidh sin. 'Ar ndú ní raibh aon-stoirm ann ó oíche na Gaoithe Móire ba mheasa ná a bhí le na linn. Fuair an máirnéalachín bocht faoi na foraí uaithe é]/ Dhá rud nach bhfuil aon-trust le bheith asta: oíche Fhómhair nó intinn mná óige = bíonn an bhean óg luath-intinneach, agus an oíche Fhómhair luainneach; ní túisce go breá í (an oíche Fhómhair) ná a ghabhfadh sí ar stoirm nó ar bháistigh / Tá an-deagh-chosúlacht ar an oíche, ach ní bheadh a fhios agad. Tá an ghealach an-ghreadhnach. Ní rachainn faoi dhuit nach báisteach a d'fheic -feá roimhe mhaidin. Deir siad nach féidir oíche Fhómhair a thrust. Oíche Fhómhair nó intinn mná óige. Sin é adeir siad. Dheamhan a mbíonn de ghaisce ar chuid de an mná óga muis! /[Ní bheadh a fhios agad cén tsin-seáil a bheadh air. Ní dóigh ar bith oíche Fhómhair. D'athródh sí le ionntú do bhoise]/ Ná raibh tú ar choinnleach an fhómhair le caoi a bheith ort! = eascainí /

Ná raibh sé ar choínnleach an Fhómhair muis le cleas a dhéanamh! / Nach hé a lá Fómhair é! = Lá a mbeadh deis agad breith ar do leas, nó brabach a dhéanamh. [Is minic nach mbíonn i gceist ach gur ócáide nó deis díomhaontais é] / Sé do lá Fómhair é a mhic ó. Tá an báire leat inniu. Ní mór liomsa duit / Sé do lá Fómhair é, agus chuile dhuine ag cur óil ort! /[M'anam gurb é a lá Fómhair é, agus imeacht ag leadaíocht. Sé a shaol atá ann. Chaithfeadh sé go bhfaghann sé a bheatha ó neamh]/

"Anonn agus anall a theigheas an sruth,
Idir na caoirigh a chodluíos na moilt
Idir na mná a chodluíos na fir
Agus sé do lá Fómhair é a Chaitlín Dubh!" [Rann] /

Baineadh píosa den gharraí fataí sin san gCéad-Fhómhar = ón uair a thosuíthear ag baint na bhfataí nua (lár nó deireadh Iúil) go dtosuíth -ear ag baint fhataí as eádan /[Deamhan fata ag gabhail léithe siúd le baint. Bhain sí san gcéad-fhómhar ar fad iad. B'fhurasta sin di ar scáth a raibh aice / Caithfidh mé tuar a chur le haghaidh an chéad-fhómhair]/ Ag cur (fataí) cúilín le haghaidh an chéad-fhómhair atá mé na laetheantaí seo. Dheamhan a fhios agam má theagann sioc nach ndóghfadh sé iad / Níl fata céad-fhómhair a bith i mbliana againn = fataí a chuirfí luath le go mbeidís isteach luath / Is gearr go mba cheart d'fhataí céad-fhómhair a bheith in alt a mbainte anois. Dhá bhfaghadh an currach sin thíos againne seachtain eile gréine, bheadh fataí ann. Ach is mór an caraos a dhul dhá mbaint nó go mbeidh siad méaduithe / Tá fataí céad-fhómhair ar dhort an bhaile. Tharraing mé das annsin thiar inniu, agus bhí cuasnóg faoi: cho mór agus a bhéas siad. [D'fhéadfaí a bheith ag baint béilí asta anois chuile lá feasta. M'anam nach mór sinn. Dheamhan an bhruineóg fhéin sean-fhataí againne anois, hébrí céard a dhéanfas aonduine eile. Is dóigh go bhfuil chuile dhuine cho sporha linn]/

Fíogach; Ainmfhocal: Fireann = breac atá ó dhá throigh go dtí trí troithe ar fad, a bhéal siar faoin a mhuineál ar nós seorc, é dubh as a dhruim agus liath faoin a bholg. Breac uaisiúil é. Ní scéitheann sé chor ar bith ar nós bric eile, ach na ceanna óga a bhreith. Is minic a bhéarfadh sé istigh san gcurraigh iad, agus thú ag teacht ón meath mhóir

isteach. Bíonn an-sclamhfairt air. D'íosfadh sé rud ar bith a chasfaí in a bhealach. [Déanann sé an-fhoghail ar líonta, mar réabann sé na mogaill má chastar i bhfastós ionta é, agus ar aon-chor sceannann sé an t-iasc a bhíos ionta.] Is minic iad ag imeacht in a mbáirí ar thí scadáin nó runnaigh nó iasc ar bith is túisce aca. [Tá an ghráin dhíobhálach ag iascairí orra mar i gceann a ndéanann siad de mhillteanas ar líonta níl éadáil ar bith ionta le n-ithe. Ach cuirtear de bhaoite ar spilléid nó ar photaí gliomach iad scaití, agus baintear an ola asta freisin fearacht mar a dhéantar le na seorca.] Tá cineál ann a dtugtar na fíogaigh gobacha orra. Gobógaí a thugas daoine eile orra. Bíonn siad seo ó thrí troithe go leith go dtí chúig troithe, ar fad. Tá cuid aca is mó ná sin aríst. Níl aon-ní mór idir iad féin agus na gnáth-fhíogaigh ach an méid sin. [Bíonn an ghoin chéanna orra indiaidh eísc. Go deimhin is measa go fada iad. Bhéarfaidís an chuid óg freisin istigh san gcurraigh. Níl siad le n-ithe aca oiread.] Duine nach mbeadh aon-ghnaoi air, nó a bheadh mí-shlachtar is minic a thugtar fíogach de leasainm air: "Cáil an fíogach sin ag dul ru?".
[Uimhir iolraidh: Fíogaigh (: fʼīgə, fʼīgī), Fíogachaí]

Fiainise: Ainmfhocal Buineann [: Fuaim: fʼīnʼisʼī. n caol i gcomhnaí agus í i leabaidh e san deireadh. I gciall a (ii) miainis adeirtear — mʼīnʼisʼ gan guth ar bith san deireadh — "in mo mhiainis", "in a mhiainis" etc. Tá an leagan seo ar an bhfocal i gcuid de an sean L.S.S freisin]
Fiainise = (i) caint comhneartuithe nó cruthú i gcúirt, i gcúis dlí, in argóinteacht etc.; a bheith i láthair le linn gníomha, cainte no rud eicínt a thárluíos; an té a bhíos i láthair nó a níos caint chomhneartuithe i gcúirt; an caint a níthear i gcúirt agus rl. (ii) a bheith as comhair, as coinne, fút, ar t'aghaidh, in do láthair.

Chonnaic mé ag goid na móna í. Rug mé uirre imbéal na cruaiche. Ach cén mhaith sin. Níl aon-fhiainise agam, agus mionnóidh sí siúd a dtiocfaidh in a béal / Tá beirt fhiainise agam gur bhuail sé mé. Nach shin é mo dhóthain /[Tá fiainise cuid mhaith agam (go leór fiainise, mo dhóthain fiainise etc.) gur thug mé an t-airgead dó]/ Is beag an

fhiainise do dhóthain i rud den tsórt sin. Ag an dochtúr atá a dhéanamh / Níl d'fhiainise agam gurb é a ghoid iad, ach go raibh sé ag fáinneóir -eacht thart ann ar feadh an lae / Níl d'fhiainise orm (in m'aghaidh) ach S. agus chaith an giúistis é sin cho minic cheana, agus nach ngéillfidh sé d'aon-fhiainise a thiúrfas sé anois /[Níl aon-mhaith in a fhiainise sin, feicfidh tú fhéin air / Tugadh M. isteach i bhfiainise. Bhí sé san láthair le linn an achrainn = tugadh chun cúirte é le fiainise a thabhairt / Chuaigh L. i bhfiainise go bhfaca sé mé = thug sé f. uaidh]/ Mara bhfuil sé sásta a dhul i bhfiainise dhuit, fág faoin mbreitheamh é, agus cuirfidh sé sin gairm chúirte air. Tiocfaidh sé i bhfiainise an uair sin feicfidh tú fhéin air /[Sín chéad-cheist a chuirfear ort: cáil t'fhiainise? Nach mbeidh tú in do ghamal annsin?]/ Tá B. agus duine eile i bhfiainise agam gur bhain sé as m'ainm mé = chuala siad do mo bhaint as m'ainm mé / Ní raibh aon-fhiainise ann nuair adúirt sé é / Tá S. in a fhiainise (mar fh., i bhf.) agam. Chonnaic seisean é cho maith liomsa / Comhuain agus a bhí sé ag tabhairt (ag déanamh) a fhiainise, chloisfeá biorán beag ag tuitim san gcúirt. [Bhí a fhios ag chuile dhuine gur ar a chuid cainte a thiocfaí suas / Ba cheart duit é a iarraidh i bhfiainise? Tuige nach mbeadh sé sásta ó a bhí sé san láthair?]/ Má níonn tusa fiainise dhó, tá an báire leis /[Tá mise i bhfiainise dhó. Chonnaic mé an mótar dhá bhualadh]/ Bhí mise i bhfiainise ar an troid = bhí mise in m'fhiainise ar an troid = chonnaic mé í / Níor chaith sé aon-fhocal den chaint sin ariamh. A fhiainise sin ortsa a Sheáin. Bhí tusa ann cho maith liomsa = tá tú indon cruthú nar chaith sé an chaint /[Ní hé M. M. a thug an buille dhó chor ar bith. A fhiainise sin ar an bhfocal a sciorr uaidh fhéin agus é dhá chur isteach i gcarr an aspuicil. "Buille feille na gCurraoinigh", adeir sé. D'inn-seódh sin duit go raibh a fhios aige gurb é an Curraoineach a theanguigh leis. Ach is mian leis a bhualadh thall ar an gceann eile ós iad na Curraoinigh an chuid eile dhó fhéin]/ Cuirim m'fhiainise ortsa (cuirim fiainise ortsa)! Cloiseann tú céard atá sé ag rádh? / Má dúirt sé sin thug sé fiainise bhréige = mhionnuigh sé bréag / Is beag aice sin fiainise bhréige a thabhairt (a dhéanamh), ní dhá roinnt léithe é. Bheadh sí sin ag mionnú nó go gcuireadh sí poll ar bhalla na cúirte

a dheárthair mo chroí. Nach bhfuil a fhios agam go maith é / Sin í fiainise ghiolla na bréige = fiainise bhréagach i gcúirt, nó caint bhréagach ar bith /[Dúirt sé leat go bhfaca sé mise ag dul isteach idteach ósta aréir! Sin í fiainise ghiolla na bréige. Ní tada eile í / Sin í fiainise ghiolla na bréige. Cuirim pearúl ort gan ceó ar bith a chreis -tiúint uaidh sin. Ní fhéadfadh sé mise a fheiceál ag caint ar an bportach le J. M. arae bhí mise san mbaile ón bportach, shul ar fhága J. M. an teach aige fhéin le dhul ann. / An té adúirt léithe é sin, ba í fiainise ghiolla na bréige a bhí aige. Níor thaobhuigh mise siar an teach sin, ná an baile fhéin, le tuilleadh agus dhá bhliain. Cén diabhal a chasfadh mise siar ann. Dhá mbeadh mo ghnatha féin ann — ní airím nach raibh — ba roighin uaim a dhul ann, mar is beag a bhí mo thaithí ariamh san áit chéanna. Níl ríochan ar bith le cuid de na daoine. Chumfaidís rud ar bith.]/ Sin í fiainise ghiolla bhréige ar a bhean = fiainise cham; tugann sé lascainí di i gcomhnaí in a chuid cainte; molann sé a cáilíocht thar mar is cóir a moladh; bíonn sé "partial"; má bhíonn gean agad ar dhuine nó luighe leis falóidh tú a dhroch-thréathra, nó ní léar duit iad /[Deir tusa nach bhfuil fataí in áit ar bith cho maith agus atá in do bhaile fhéin. Sin í fiainise ghiolla bhréige ar a bhean. Ar ith tú aon-fhata dhá bhfuil anoir annseo / 'Deile céard a dhéanfadh sé ach an D. a mholadh? Nach as aon-áit amháin iad. Fiainise ghiolla bhréige ar a bhean / Sin í fiainise ghiolla bhréige ar a bhean an rud adúirt sé faoin mbó sin. Dheamhan a fhios aige ach an oiread liomsa an maith olc í, ach ós le na cliamhaineachaí í, caithfidh sé í a mholadh]/ Dúirt sé go raibh fabhar ag an dream a phasáil. Mar dhóigh dhe go raibh a mhac fhéin cho maith leó, ach go ndearnadh éagóir air. Fiainise giolla bhréige ar a bhean, 'ar ndú'. B'fhada uaidh a bheith cho maith leo / Marach go bhfuil an biadh in mo mhiainis anois, ní íosfainn é. Nachar ith mé mo chuid fhéin shul ar fhága mé an teach = as mo chomhair; díreach in mo láthair /[Leag mé cupán tae in a mhiainis, ach ní dhrannfadh sé leis / Suígidh anuas i miainis na teine. Tá fuacht thuas annsin]/ Shílfeá nach ndéar-fadh sé rud mar sin i miainis an tsagairt = in a láthair as a chomhair / Ní fhaca mé pínn ruadh in mo mhiainis le bliain = as mo chomhair; ní raibh sí agam / Sheas sé amach i miainis an leoraí, agus chuir sé suas a láimh ag iarraidh marcaíocht air /.

Feacht: Ainmfhocal: Fireann: Uimhir Iolraidh: feachta, feachtaí.
Feacht: (i) sruth san bhfarraige; cineál fágannaí nó fágaí san bhfarraige. (ii) cuid den bhád. (iii) uair; iarraidh, geábh, turas.

Bhí an bád ag imeacht san bhfeacht le toiliúna dé = ag imeacht le sruth san bhfarraige; na sruthannaí a bhíos ag imeacht ar uachtar na farraige; ach is ar thonntrachaí a thugtar é go minic: teagann ceann de na bristeachaí móra nó na farabógaí farraige. Bíonn an-airde agus an-toirt inte. B'fhéidir go mbeadh dhá bhréidín farraige nach mbeadh cho mór sin ann annsin nó go dteagadh an chéad cheann eile de na bristeachaí móra. Siad na mion-bhréidíní seo idir an chuid mhóir na feachta. Ní bhíonn sé neamh-chosúil in a n-imeacht leis an sruth / Tugtar scaití freisin ar na bristeachaí mora fhéin é / Bhí feacht agus taoille in aghaidh a chéile / Ní raibh aon-ghoir aige an bád a cheannsú. Rug feacht agus tuile rabharta in éindigh air. Níorbh fhuláir bádóir thar cionn len a cinnireacht mar bhí an-tarraint mhór ann. /[Fainic an feacht. Fan as. Tá feachta láidir amach faoi íochtar an Ch. sin.]/ Is gárha na feachtaí atá san bhfarraige anocht. Tá: farabógaí farraige ann /[Fan anois go n-imighe an tonn mhór. Tapuigh an feacht annsin, agus ní bheidh stró ar bith ort a dhul ar an gcarraig tirm / Ní brí na feachta sin nó go dtige na cinn mhóra. Sin iad an chontúirt]/ Bhí an saor ag cur na bhfeachta uirre = sórt neartú a theigheas ar shlat boird an bháid len a coinneál daingean. As cionn na slata boird a theigheas siad / [Tá an tslat bhoird uirre anois dhá mbeadh feachta uirre / Is gearr go mbeidh na feachta sin caite. Millfidh siad an tslat bhoird, millfidh sin / Breá nar thapuigh tú na feachtaí. Sé a bhí agad a dhéanamh. Tá siad ó rath ar fad]/ Déanfaidh sé cúis an feacht seo = an babhta seo, an iarraidh seo [tá an fhuigheall seo den tsean-chéill beó san gcaint] /[Rinne sé é an feacht sin / D'fhéach sé leis trí huaire cheana, mar a ndéanaidh sé an feacht seo anois. Aire dhuit! Tá sé thuas aige! Nar laga Dia thú! / Chuaigh mé chuige faoi dhó cheana, ach ní bhfuair mé san mbaile é. B'fhéidir go mbeadh sé rómham an feacht seo]/.

Féith: Ainmfhocal; Buineann; Uimhir Iolraidh = féitheachaí; féitheannaí.

Féith: cineál cuisle nó "vein" san gcolainn; cosúlacht; gothadh; cuimhne;

súil; cáilíocht, tréith, buadh.

Féitheach: Aidiacht: féitheachaí nó cnámha a bheith follasach ionad; corr-chnámhach.

Féith: féith- : Réimmír Aidiachtúil = roinnt, buille, réasúnta, scoth-

Ní raibh aon-fhéith in mo chorp nach raibh faoi dhíocas oibre agam =

bhí mé ar mo mhine ghéire ag obair /[Ní raibh aon-fhéith ag gabhail

liom nach mb'éigin dom a chur faoi dhíocas ag súil go mbeinn

réidh in am. Chuaigh mé thar m'fhulainn, ach sin a raibh de

mhaith dhom ann. Tá an t-árd siúd diabhaltach deacair. / Tá féith

mhór in a bhaithis agus bíonn sí ag freagairt i gcomhnaí nuair a

bhíos taghd air]/ Déanfaidh mé dhá leith d'fhéith ghorm do mhuiníl =

an fhéith atá suas ar leathtaobh an muiníl faoin gcluais /

Tá féitheachaí móra in a chosa = fréamhrachaí is minice a

thugtar orra (varicose veins) / Bhris mé féith mo rosta / Ghearr

sé annsin mé san áit a bhfuil féith na baithise /[Cnaipín beag

cruadh a tháinig ar thaobh mo choise annsin agus thosuigh sé ag ithe roimhe.

Níor chomhnuigh sé go raibh sé in a fhearsaid san bhféith. Tháinig an

draoi fola. Ní raibh inte ach mion-fhéith. Níor mhór domsa nach raibh,

nó ní fhanfadh aon-deóir fhola ag gabhail liom.]/ Tá an fhéith fola

ar an gcaora dhubh sin thuas = (fc. fuil). Cailleann sí caoirigh a bhíos

ro-bheathuithe. Droch-ghalra í. Tugtar ceathrú ghorm freisin uirre.

Ar chosa na gcaorach a theagas sí. Atann siad roint, agus teagann

dath dubh-ghorm orra. Ní go minic a theagas siad uaithe. Leigtear an

chuisle aca istigh sna bléantrachaí /[Féith fola a tháinig uirre. Níor

sheas sí achar ar bith leis. Ní sheasann ná aon-chaora. Níl le déanamh

ach cuisle na bléine a leigean. An uair shin fhéin is doiligh leo a theacht

uaidh. Chaill sé go leór caorach an bhliain cheana, ach shílfeá go bhfuil

sé leighe faoi anois ní ag tabhairt gu(bh) air é]/ An bhfuil féith ná

fuil ionad? = spreacadh ar bith; an bhfuil mothú ar bith ionad; an

bhfuil tú beó chor ar bith? / "D'innseódh sí scéal gan féith gan fuil"

= leitir /[Níl féith ná fuil anois inte an créatúr agus is beag an

dochar di, agus an fhad sin ar an leabaidh.]/ Tá féith ón tsinsir ann =

duine láidir; fathach d'fhear; duine a bheadh ag dul i gcosúlacht leis an líne

a d'imigh in a chruth agus in a dheallra / Is diabhlaí an plíoma fir é an mac sin aige. Tá féith ón tsinsir ann bail ó Dhia air. An bhfaca tú na cnámha atá aige? /[Tá gruadhannaí géara aige agus goin-fhéasóig air cheana th'éis nach bhfuil na deich mbliana sáruithe aige. Déanfaidh sé an-splíota fir: sin nó tá sé féin agus a chosúlacht in aghaidh a chéile. Tá féith ón tsinsir ann. Is furasta aithinte air é. / Ná bac le M. Sbogán fir é sin. Ach sin fear a bhfuil féith ón tsinsir ann, P. Sin é a shean-athair déanta. Tá bun-ríocha aige mar bheadh feac láighe ann]/ Fear ar bith a chaith an léim sin, tá féith ó Scurach Ghlionnáin ann. Dar diagaí tá! = Scurach Ghlionnáin: rógaire reatha a bhí in áit a dtugtar Glionnán air, céad bliain ó shoin. [De mhuintir Neachtain ba ea é sílim. Bhí scailp aige ann agus thárluíodh sé caoirigh agus beithigh goidhe go dtí í. Rinne sé a lán gaisce agus gníomhra a bhfuil cuimne fós orra i gCois Fharraige. Ag ionnsaí Bhalaclava i gCogadh an Chrimea a maruíodh é, measaim]/ Ara céard tá tú a rádh? Gínn é! Tá féith ó Mhaitias Ó Dhubháin ann. Níl a fhios agam nach fearr é ná Maitias Ó Dubháin má rinne se an gníomh sin = Maitias Ó Dubháin : gaiscíoch eile a bhí i gConamara sé scóir blian ó shoin /[Féith ón diabhal atá ann. Sin é atá ann, diúltuíomuid dó. Ní dhéanfadh fear ar bith eile a leithide de chleas. Muise nach mór an diabhal a bhí ag cur chathuithe air, ar a mhagadh sin fhéin = tá treartha an diabhail ann]/ Féith ón "sean-bhuachaill" (an t-ábhairseoir) a bhí san bhfear sin má bhí sé indon na cártaí a dhathú. / Tá féith ó fhathach san mac sin aige = tá sé ag dul i gcosúlacht fathaígh; is geall le fathach é ar a mhéid / Chonnaic mé an póilí sin istigh annsin aréir agus gan féith ná comharha ó Fhlaithis Dé air. = bhí sé ar meisce; ní raibh mothú ná arann ann; ní móide go raibh sé tuithe, ach bhí a mheabhair agus a aithne caillte aige /[Níl féith ná comharha air ach é sínte annsiúd ag giorrú an bhealaigh leis = duine a mbeadh tinneas an bháis air]/ Nuair a fuair mise é, bhí sé leighe isteach ar an gclaidhe agus gan féith ná comharha ó neamh na ngrást air. Nach raibh sé sách dona lá agus nachar aithin sé mise = stunned / Má tá sé le dhul ann, níl féith na comharha aige air = níl aon-chosúlacht fós air (go bhfuil faoi a dhul ann) /[Laogh ag an tsean-bhó siúd ab ea? Dheamhan féith ná comharha aice air / Go dtiocfaidh sé abhaile as Sasana! Níl féith ná comharha aige air, fós ar chaoi ar bith]/ Ní raibh féith de mo chroí air = ní raibh féith in mo chroí

air = ní raibh féith de mo chroí leis = níor chuimhnigh mo chroí air; ní raibh súil ar bith agam leis /[Is fhearr dhom na lachain a chur isteach anois, nó ní bheadh féith de mo chroí leis aríst = ní chuimhneóinn a dhéanamh aríst / Is fíor dhuit é. Dúirt sé go dtiocfadh sé aniar anocht, agus muid a bheith roimhe ag ceann an bhóithrín. Ní raibh féith de mo chroí air. Dheamhan é muis. / Tá tú ceart! Baineadh dhá chloich as aimsir chur an choirce. Caithfear a gcur ann aríst. Is maith liom gur mheabhruigh tú dhom anois é. Ní raibh féith in mo chroí air]/ Is againn a bhéas an sagart i mbliana. Sea a mh'anam. Tá sé réidh san leathbhaile thiar. Dheamhan féith in mo chroí a chuimhneódh air , ná cuid de chuimhniú marach gur dhúirt tú é. Agus é thar am tosaí ag téisclim faoin a chomhair! /[Ní raibh féith de mo chroí air a mhic ó, nuair a bhuail sé isteach chugam idir chlár agus chuinneóg = ní raibh mé ag súil leis; ní raibh cuimhne ar bith agam go dtiocfadh sé / Níl aon-mhaith dhuit aon-mhilleán a thabhairt dom anois. Deamhan féith de mo chroí a chuimhnigh ar a dhul ann go raibh an áit dúinte. Sin é an chaoi a mbímse i gcomhnaí. Bhí an oiread rudaí le fáil agam fhéin, agus nachar chuimhnigh mé ar a leath ach oiread. Nuair a bhí mé leath bealaigh aníos, sin é an uair a bhí mé ag eirí bréan díom féin]/ Do teachtaireacht! Dheamhan féith dhá chroí siúd a bhí ar do theachtaireacht. B'fhearr leis ag dradaireacht le mná óga go mór / Lá féith-fhuar é = buille fuar ach gan a bheith an-fhuar; dhá mbeadh lá bróllach ann agus cor roinnt géar a theacht ann san trathnóna; bheadh sé thar a bheith fionnuar /[D'ionntuigh sé féithfhuar le scaithín / M'anam go raibh sé féithfhuar go leór ar maidin, ach ó d'ársuigh an lá, scairt sé amach go breagh / Tá sé féith-láidir = scoth-láidir; réasúnta láidir / Tá sé féith-mhór go maith = bun-mhór go maith]/ Capall féith-mhór go maith atá inte. Baileóidh sí na deich bpunt fhichead gan stró / Tá sé ag fanacht féith-bheag go leór. Ní bheidh ann ach aircín sílim = buille beag; gan méadú / Fear féitheach gan aon-fheóil é = dhuine corr-chnámhach /[Ní fhéadfadh S. gan spreacadh a bheith ann. Níl a dhath saille air, agus tá sé an-fhéitheach, an tsuite in a chéile]/

Feac: (i) Ainmfhocal, Fireann: Uimhir Iolraidh: feacannaí (: ní bhíonn aon-claochlódh tuisil air. (ii) Briathar.

Feac = (i) Ainmfhocal = cos adhmaid na láighe, na sluaiste, an tsleáin, na spáide agus acaraí den tsórt sin [ach ar chois na láighe is mó a thugtar feac. "Cois" is ionduala a thabhairt ar an rud atá san tsluasaid, sa sleán agus san spáid]. (ii) Briathar: lúbadh nó cúbadh nó cromadh, go háirid faoin gcolainn.

Tá feac na láighe briste / Cé mhéad atá feacannaí láighe ag dul i mbliana /[Ní feac maith é sin. Níl aon-lann ann / An bhfuil tú indon feac a chur san láighe dhom / Is dona an feac é nó caithfidh sé an láighe ar chaoi ar bith]/ Thug sé feac leis in éadan an asail / Iarraidh d'fheac láighe a thug sé dhó. Fhobair gur scoilt sé blaosc a chinn / Gheobhaidh sí feac anocht agus í a bheith amuigh cho deireannach seo = gheobhaidh sí gleáradh buailte / Roinnfidh mise an feac leis, má theagann sé chugam = buailfidh mé é le feac láighe /[Gheobhaidh sé rud muis! Gheobh-aidh: feac na láighe a roinnt leis, má iarrann sé tada = é a bhualadh le feac na láighe / Teagadh sé feiceamuist! Má theagann ní ag amhdú an oilc é, roinnfidh mise feac na láighe leis]/ Ní féidir filleadh ná feacadh a bhaint as; ní fhéadaim filleadh ná feacadh ag mo dhruím etc. (fc. fill) / D'fheac sé a ghlúin = í a lúbadh; a dhul ar a ghlúine /[Seo! Feac do ghlúin ag do pháidrín anois. Sé is goire do leas = gabh ar na glúine go n-abhruíomuid an paidrín]/ "Feac do ghlúin agus déan sléacht agus cuimhnigh cé a chuir iasc ar linn. Cuimhnigh gurb é Rí na nGrást a rug buadh ar Fhiannta Fhinn" "Má fheacaim mo ghlúin agus déanaim sléacht ní mar gheall ar do Dhia é … " [as "Argóinteacht Oisín agus Phádraig"] /[Sin gnás a bhí aice ariamh: gan a dhul thar an áit sin gan a glúin a fheacadh. Deir siad go raibh tobar beannuithe ann fadó]/ Is fadó an lá nar fheac sé a ghlúin i láthair Dé, ní dhá roinnt leis é = is fadó an lá nach raibh sé ag an Aifreann / An bhfuil tú indon do dhruim a fheacadh anuas rud beag go gcuirfidh mé é seo ort = a chromadh, a lúbadh / Feacfaidh sé é féin an t-Earrach seo, ní hionann agus ariamh. Tá an cúnamh imithe uaidh anois = Lúbfaidh sé é féin; caithfidh sé obair a dhéanamh /[Ní fhéadaim mo chois a fheacadh chor ar bith le pianta. Dúirt an dochtúr liom a bheith dhá haclú, ach tá a scéal breá go leór. Dhá mbeadh mo phiansa air, ba bheag an aclú a dhéanfadh sé deirimse leat.]

Fuadar: ainmfhocal: fireann ["fuadar" adeirtear indáil le i gcomhnaí]
Fuadar: imeacht: driopás: forú: scudal: luadar: rún: bara.

Tá cailín Bh. ag dul isteach agus fudar fúithi. É fhéin a chonnaic sí ag teacht = deifir: forú / Tá sé ag dul in áit eicínt anois muis agus an fudar atá faoi. Ba bheag an baol go mbeadh an fudar sin air ag dul in a gharraí / Nach ort atá an fudar ag dul ag baint choirce. Tá breith mhaith air agus gan é as craoibh fós againn. Bainfidh tú glas é /[Tá fudar air seo thuas ag dul 'na chladaigh. Nach air atá an dícéille nach san mbaile a d'fhan a leithide de lá. Fágfaidh an cladach éagaoineadh aige muis.]/ Is beag a cheapfadh go mbeadh fudar 'na ghnatha mar sin faoi! An pósadh a mhic ó! Tá na mná indon síneadh leis an gcuid is fhearr aca! / Ní hé fudar a leasa atá faoi pérbith cén áit a dtriallfaidh sé. Is furasta aithne air é. Tá sé in a bhreastairín ro-mhór / Chuala mé go raibh fudar fola faoi seo thuas aréir aríst. Oícheannta aonaigh i gcomhnaí! Níl neart aige deóir ar bith a ól anois nach bhfuil sé eirithe san gcoirice aige / Fudar mná atá fút! Is furasta aithinte ort é. Ní bheitheá cho beó ar do chois ag dul i dtráigh fheamainne /[Ara muise nach faoi atá an fudar achrainn. Foighid ort go dtí ar ball! Gheobhaidh sé a dhóthain den scliuchas sin feicfidh tú fhéin air / Ní bheadh leath oiread fudair fút ag dul chuig an Aifreann. Mise i mbannaí nar mhiste leat dhá mbeitheá deireannach ag dul annsin. Ach ní fhailleóidh tú do ghnatha má bhíonn aon-phínn agad le dhul chuig an teach ósta. Is olc í do cheird muis. Diabhal bréag nach holc]/

Feiliún: ainmfhocal, fireann = droch-lot a theagas ar na cosa nó ar na lámha. Ar na cosa is mó a bhíos sé. Is minic leis a bheith ar cnáimh na lorgan. Is geall le easbaí reatha é, mar bíonn ábhar as, agus teagann cnáimh as go hiondúil. Thiocfadh sé ingeall ar gortú nó galra cnámh. Tá dhá chineál ann: an feiliún reatha agus an fiolún fuar (: an ceann nach mbíonn ag rith go

hacht agus go háirid. Ach tugtar freisin air é, nuair a bhíos ainfheoil air nó an cnáimh leis). Ní fhágann sé siúl ná aistir ag duine, giorraíonn sé an chois, agus is minic go dtugann sé bás dó.

Tá sé buailte suas aríst, leis an bhfeiliún. Tháinig staic de chnáimh as an lá cheana agus bhí sé cho fada le do ladhairicín slán an tsamhail! Tá a chuid maitheasa ar iarraidh, tá faitíos orm / Feiliún reatha atá air. Ní theagann iadhadh ar bith air ach ag rith / Gortú a d'eirigh dhó ar an lorga. Níor deasaíodh an cnáimh ceart ariamh nó má deasaíodh níor shnadhm sé. Tá feiliún fuar anois air. D'fheicfeá an cnáimh leis ann /

Flith: Flith-: Frith-: Frioth-: Fiod-: Siod-:
Flith: Ainmfhocal: Buineann: luibh nó salachair goirt. Fásann sí i bhfataí go háirid. Déantar a gortghlanadh as. [Chickweed?]

Níl dhá shop ar bith is measa i bhfataí ná glúineach dhearg agus flith. Tá 'chaon cheann aca sna garrantaí sin thoir againne. /[Ní mór a dhul ag gortghlanadh na bhfataí sin thuas ar an toirt. Tá siad lom-lán le flith. Is mór an uais iad / Níl mórán soip ionta, cés moite den fhlith sin, ach cé beag dóibh a dhonacht, arsa tusa. Sin í an cailín atá indon a bplúchadh]/ Ní fhaca tusa flith ag dul le cois chapaill ariamh? … Ní hé sin domsa é muis. Is minic a chonnaic mé dhá cur léithi í, dhá mbeadh sí ata. Í fhéin nó muingbheara. Tá an fhlith chuile orlach cho maith leis an muingbheara. Í a bhruith i bpota agus an súgh a chuimilt don at. Ní fuláir í a choinneál cuimlithe léithi nó go dtraoithe sí. Bhainfeadh sí at as duine freisin. Í a théamh as cionn na tine, agus a bualadh le do dhá bhois, agus a cur isteach leis te bruite. Chuir mise le mo láimh annseo í uair a raibh sí ata. Ba gearr a bhí sí ag baint an at aisti. / Tá mé meata le trí lá ag na fataí sin thuas. Níor léar duit das ar bith ionta ag flith agus ruibhléis. Diabhal a leithide de chaoi. Shílfeá nach cheal leasaithe é muis /

Flith- Frith-; frioth-; fiod-: Réammíreanna: [Athraíonn flith-
agus frith- le chéile. Is minic a bheadh an dá cheann san bhfocal
céanna ag duine amháin. Níor chuala mé fiod- ach i "fiod-mhaga"
agus "fiod-rinnce". Thiocfadh dóibh a bheith i bhfocal nó dhó eile b'fhéidir
ach is i gcuid an bheagáin é má tá.]

Flith-shneachta (frith-sneachta): sneachta cruadh ach nach clocha sneachta é.
Báisteach agus barr sneachta uirri. Sleet i mBéarla.

Ní báisteach í sin ach flithshneachta. Dar an leabhar ní flithshneachta
ach oiread í ach sneachta corpanta /[Ba diabhaltaí an ráig
flithshneachta é sin a chaith sé / Bhí sé ag flithshneachta as
gaoth anoir / Is olc an cur é an flithshneachta sin. Ag tolgadh
tuairt shneachta atá sé: sin é an méid. Faraor nach
gcaitheann sé scráib bhreá dhó, agus eirí as, agus gan a
bheith ag sceidínteacht leis mar seo. Bhainfeadh sé an
fhuaraíocht seo as an aimsir]/ Ba deannachtach an chith frith-
-sneachta a chaith sé amach san oíche aréir. Bhí mé amuigh
i gcíonn bó a raibh tinneas laoigh uirri, agus ba bheag
nar seacáladh mé. B'fhuar an oíche í deirimse leat /

Flith-reó: Frith-reó: sioc gan é a bheith in a shioc chorpanta
glaisreó tanaí seaca, nó druas. Dhá ndéanadh sé glaisreó
seaca as drúcht mór, ba flith-reó a bheadh ann.

D'aithneóchthá go raibh sioc caite aige ar éigin, ach ba ar ín ar
éigin é. Flith-reó beag: ba shin é an méid / M'anam go bhfuil
cor fuar ag teacht san aimsir. Bhí aithne seaca ar an
maidin inniu. Rinne sé a bheag nó a mhór aréir. Bhí frithreó
ann ar maidin. B'fhurasta aithinte ar an talamh é. /

Frith-chantal (: flith-chantal): aithne cantail ar dhuine. Níl ann ach
go mbraithfeá go mbeadh stuaic bheag nó cantal air.

Bhí frith-chantal eicínt anocht air. Marach sin gheobhfá neart nathaíochta uaidh. Ach an oiread le duine is furasta sin a chur air / M'anam muise nach raibh sé ro-gheal duit faoi chaintiú ar an móin nó a rá gur mó a fuair an C. ná é fhéin uirre. Nach daighciúil anois é, agus rud fánach mar sin ag cur frithchantail air. Dá ndeirtí an oiread leis agus a deirtear le tuilleadh! / Ná cuir chuige ná uaidh. Tá frith-chantal eicínt air na laethantaí seo. Níl sé cho gealgháireach agus a bhíodh sé. An bhreac-aimsir is dóigh. Chuirfeadh sí cantal ar dhuine ar bith beó. Níl lá seasta ar bith ag teacht /

Flith-gháire (: frithgháire): meanga; lonnadh beag gáire. Is gáire fonóideach nó gáire magúil é scaití.

Tuige an flith-gháire? An síleann tú gur dóigh mhagaidh mise? Má shíleann muis tá mearúl ort / Dheamhan iadhadh a tháinig air ach ag flith-gháire. Dar leat fhéin gur ag iarraidh a bheith ag magadh fút a bheadh sé. 'Ar ndó' bheadh dhá bhféadadh /[Nach diabhlaí an frith-gháire a bhíos ort i gcomhnaí thar dhuine ar bith. Béidh a shliocht ort: brisfidh duine eicínt an smaois agad dhá fhad go dtí é / D'aithneóinn go maith air agus an fonn frith-gháire a bhí air, nach raibh sé ach ag séideadh fúinn. Sin é a bhéas sin. Mar dhóigh dhe gur leath-cheanna 'chuile dhuine len a ais fhéin! Ba bheag an frith-gháire a dhéanfadh sé muis an oíche ar ionnsaigh S. Gh. é. Bhí rud thar gháire ar a aire an oíche sin!]/ Bíonn sí ag frith-gháire mar sin i gcomhnaí. Is mór an slacht léithi é, dar léithi fhéin. Cén dochar? Ní bhaineann sí duinn /

Flith-mhagadh: Frith-mhagadh: Fiod-mhagadh: Siod-mhagadh: Siod-gháire: Flith-mhagúil etc. Fiod-mhagúil etc.: Ainmneachaí agus Aidiachta. Flith-mhagadh etc.: mion-mhagadh: magadh a dhéanfaí faoi dhuine go cliste gan fios a bheith aige scaití go mbeithí dhá dhéanamh, nó dhá mbeadh a fhios fhéin, nach bhféadfadh sé údar achrainn a bhaint as. Mara chéile mórán é fiod-mhagadh, ach go mbíonn níos lú den cheilteamas ann. "Siod-mhagadh" a leithide eile, ach gur magadh corranta é sin a

a sheadóchaí gan é a bheith in a dhearg-mhagadh. An cineál céanna é "siod-gháire". (: maolgháire; gáire magúil).

Shílfeá gur ag déanamh flith-mhagadh fút atá sé. Buail treasna an dranndail é / Leig de do chuid frith-mhagaidh anois nó beidh rud ar a shon agad. Is deacair mise a bhaint, ach is truagh dhuitse má bhaintear mé / Cén sórt breith atá ort gur mian leat a bheith ag fiod-mhagadh faoi chuile dhuine. Ar chuala tú ariamh é: an té a bhíos ag magadh, bíonn a leath faoi fhéin / Ní beó é gan a bheith ag siod-mhagadh faoi chuile dhuine, agus gan acmhainn ar bith aige fhéin. Is minic amhlaidh é a mh'anam / Tá tú an-siod-mhagúil anocht! Ní bheitheá leath cho siod-mhagúil aréir le L. nuair a bhí sé ag cur caoi ar an ualach móna a thuit ort! / Duine fiod-mhagúil ceart é nuair a thosaíos sé. Scaití eile annsin, ní bhíonn dor aige / Droch-rath ar a streille! Tá sé ag imeacht i gcomhnaí agus cáir fhiod-mhaga mar sin air. Shílfeá air gurb é fhéin togha an domhain. Ní hé muis ach an díogha /[Cheal nar bhrath tú é ag siod-gháire fút. Is orm a bhí an fonn leigean chuige, ach dhá n-abróinn tada, bhí faitíos orm go ndéarfainn an iomarca, agus b'fhearr éisteacht leis.]/ Tá tú ag siod-gháire annsin ar feadh na hoíche agus gan a fhios san diabhal cén fáth. Má tá údar gáire agad, déan gáire breá slachtar mar a dhéanfadh fear, thar a's an sciotaíl bhradach sin / Ba bheag an fiod-gháire a dhéanfadh sé dhá leathn(uigh)thí dorna maith cruadh ar chnáimh a ghéill. Mise i mbannaí go gcuirfeadh sin ó fhiod-gháire é. Bhí scathamh agus dhéanfadh na daoine sin fhéin leis, ach níl muid in don anois / Nach frith-mhagúil an comhradh atá tarraingithe anuas agad idtús oíche. Síleann tú go n-éistfidh an lucht áirneáin a thiocfas annseo ar ball leat ar an gcaint sin! Bí ar do shon fhéin in am! / Bhí a fhios agamsa go raibh fear na clúide ag fáil sásamh ar an scéal, mar chonnaic mé ag cruinniú na liopaí é agus ag cur strainnc siod-mhagúil air fhéin / Eirigh as an bhfiod-mhagadh anois. Nuair is fhearr an sugradh is eadh is fhearr

leigean dó. Níl maith rud ar bith a sheadú /

Fiod-rinnce (: fiodarinnce freisin): léimneach, leipreach; preabadh;
ag eirí ó thalamh mar a bheadh duine le pian, le olc, le glionndar agus rl.

Ná bí ag siocadh liom chor ar bith adeirim leat nó cuirfidh mé ag
fiod-rinnce thú ar fud an tí = tiúrfaidh mé buille duit a chuirfeas
ag léimneach le pian thú /[Bhuail mé mo lorga faoi chois an
bhoird, agus chaith mé an lá ag fiodarinnce ar fud an urláir,
ler chuir sí de phian orm / Go deimhin ní damhsa atá aige ná
tada dhá shórt, ach bíonn sé ag fiod-rinnce leis mar sin.
Tá sé sách maith. Déanfaidh sé muide]/ Spréach sé nuair a
chaith an ceann eile an chaint sin, agus thosaigh sé ag
fiodarinnce ar fud an sráide. "Dhá mbeadh an glamaire
agamsa annseo", adeireadh sé, "Chuirfinnse riocht air nach
ndéarfadh sé é arís" /[Ag fiod-rinnce le olc a bhí sé an
uair sin. Is furasta é chur san gcruth sin / Nuair a chinn
air an "bicycle" a dheasú, chaith sé anuas é, agus d'áitigh sé
ag fiodarinnce in a mhullach. Dheamhan spóca ag gabhail leis
nach ndearna sé mionúch dhó (dhe)]/ Is beag is call dó a ól
nuair a bhíos sé ag fiod-rinnce / Nach deacair a bheith ag iarraidh
maitheasa ar na gasúir sin anois? Sin a thomhais ort cén
cheird a bhí orra ar a theacht isteach dom: ag fiod-rinnce ar mo
chóta nua. Má chuaigh leó castar liomsa é muis /

Flith-mheárdáin: Frith-mheardáin: tochas a theagas i gcosa páistí.
Bíonn siad ite leis an tochas dhá mbarr. Déanann na cosa lochíní
uisce de bharr an scríobadh scaití. Cineál míolfairt nó cruimhín
é an frith-mheárdán. Bíonn sé ag snámh idir fheoil agus leathar.

Tá a bhfuil san teach agamsa thar bharr a gcéille ag na flith-mheárdáin.
Níl foras orra ach ag scríobadh agus ag tochas ó mhaidin go faoithin.
Agus ó oíche go maidin /[Ní grís é sin chor ar bith ach frith-mheárdáin.
Ní beag dhuit a dhonacht. Tá siad sin fhéin sách biorránach]/ Fágh

cupóigín de bhilleóig shráide, agus cur le na frith-mheárdáin sin í. B'fhéidir go dtarraingeódh sí iad / Más flith-mheárdáin atá ort fan ón teas. Níl uair ar bith is measa iad nó an uair a theangós teas leo. Sháróidís thú le tochas. Gheobhfá rud ón bpoiticéara a leigheasfadh iad sin. /

Flith-ghob (: f ' l ' ö): Frith-ghob: Ainmfhocal = (i) an frídín a bhíos ar dhubhán. (ii) an bruas a bhíos ar bhéal uachtair an bhradáin nó an iomáin. Bíonn sórt camóg anuas air. Bíonn sé ar bhric eile freisin. Teagann flith-ghob ar éanachaí áiride le aois. Tugtar freisin ar na streillí a bhíos ar bhéal crúscaí nó eascra é.

Ní raibh frith-ghob an dubháin ingreamús ann chor ar bith. [Sin é an fáth ar thug sé an eang leis. Tá a chomhairleachan fáite aige anois. Ní hé an chéad-bhreac a thiocfas ag smúracht timpeall ar bhaoite aríst é / Ní raibh flith-ghob an dubháin san mbéal dearg aige beag ná mór. Dhá mbeadh, sin ní fhágfadh sé. Ach tá iasc san bhfarraige cho maith agus a gabhadh fós, tá sin!]/ Dhá bhfáinnse leigean ceart air (: bradán) bhí a chnaipe déanta, ach ní bhfuair. Bhí flith-ghob na camóige faoin a bholg agam, nuair a shín sé uaim. Ba mhór an feall é. Bhí béilí maith éisc air /[Bhí sé thíos san linn agam ar feadh leath-uaire, agus mé ag cur sámhas ann le frith-ghob na camóige. Ó diabhal cor a bhí ann ach an oiread le plíoma de ghamhain! Meastú nach raibh mé ag cur scrúdaí orm fhéin a gcuirfinn an chamóig ann beag ná mór, agus cho socair agus a bhí sé! … Síleann tú gur ag sioscadh bréag atá mé! Fóill ort. Bhí mé go díreach ar thí sracadh a thabhairt faoi …]/ Nach air atá an frith-ghob! Sean-riadaire críochnaithe é sin! / Chonnaic mé iomán a marbhaíodh amuigh ag Abhainn na Samhlachán annsin amuigh an bhliain cheana, agus an flith-ghob a bhí air, bhí sé ag breith scair ar a bhéal íochtair, bhí sé cho cúbha sin. Bhí sé san an-mhéid críochnaithe. Ní fhéadfadh sé gan aois chothrom a bheith aige! / D'imigh páin uaim. Rinne sé lonnadh, ach ba bheag amharc a fuair mé air. Iomán a bhí ann. Fuair mé léarachan beag ar an bhfrith-ghob / Cuir san "jug" mór sin é a bhfuil an flith-ghob air. Is as is fusa a scárdadh. /

Folláin (: fuaim: fulláin): aidiacht: slán; sláintiúil; gan a bheith fabhtach; gan a bheith tolgha; coimpléascach; neamh-éagnach.

Follántas: Ainmfhocal Fireann, as "folláin"; slainte; neamh-fhabht; coimpléasc.

Mí-fhollántas: gan a bheith folláin nó slán; a bheith fabhtach nó tolgha.

Duine an-fholláin é / Tá sé cho folláin le breac = tá sé cho folláin leis an mbradán seang = tá sé cho folláin le reithe Márta, le glaismhíol Márta, le girria Márta, le roc Márta etc. [bíonn sé i gceist nach bhfuil rud ar bith dá mbeirtear ná dá ngortar san Márta nach mbíonn cruadh folláin] / M'anam nach bhfuil sé siúd tolgha: gurb é atá slán folláin / Dá mbeadh sé cho folláin leis an mbradán seang, tá sé in am aige bás a fháil feasta. Nach bhfuil sé go hárd as cionn an chéid? / Tá sé dubh-fholláin. Marach go bhfuil ní fhéadfadh sé beatha mar sin a ithe /[A Thiarna, a Thiarna, nach deacair a rá nach bhfuil an fear sin folláin? Fear ar bith a a theigheas ar snámh geimhreadh agus samhradh cho maith le chéile]/ Is beag an neamh-chodladh a bhéas ar Sheán seo thuas mo léan! Fear folláin é sin! D'eir-eódh dhó agus a n-itheann sé de chnuasach chladaigh / Is deacair do na daoine a bheith folláin agus a bhfuil siad a ól de tae / Feacha cho folláin agus a bhí an dream a bhí fadó ann! / Aimsir fholláin í seo. Tá sí teann tirm / Áit bhreá fholláin acrach an áit se'agaibhse / Níl rud ar bith is mí-fholláine ná an ceó bradach seo agus an aimsir shiodánach. Ní iontas an tír a bheith tolgha fhéin agus an aimsir atá ag teacht /[Deir siad nach bhfuil pas ar bith is mí-fholláine ná taobh na Gaillimhe annseo. Tá sé ro-ghar don fharraige, agus bíonn sé in a bháistigh i gcomhnaí ann. Nach shin é an ceó reatha sin isteach den fharraige 'chuile phuinnte! / Marach é a bheith mí-fholláin ní bheadh sé cho héiseallach siúd faoin a chuid beatha]/ Deir siad gur an iomarca feóla an rud is mí-fholláine a chaith duine ariamh / Shílfeá le breathnú air nach bhfuil díriúch ar bith is

mí-fholláine ná é, ach is beag a mhairg air sin in a dhiaidh sin. Sé atá cruadh cuisneach / Tá dreach an-mhí-fholláin uirri an créatúr. Níl snuadh ar bith in a leicne / Níl mí-fhollán -tas ar bith air sin, th'éis go bhfuil sé meath-thinn i gcomhnaí más fíor dó fhéin. Ach is beag dhá chuid cluanaíocht é. Tá: a cnámha gan fír na maitheasa a bheith ionta. Sin é an méid / Dheamhan a bhfuil folláin dhó (dhe) déarfainn. Nach mbíonn an criotán sin air i gcomhnaí. Deile cén chaoi a mbíonn sé sin air ach le mí-fhollántas / Airím mí-fhollántas eicínt orm fhéin le goirid / Mí-fhollántas na háite thoir ba chionntach léithi, adeir an dochtúr. Chuir sé aithne uirri a dhul ar athrú aeir / Is deacair do dhuine ar bith a bheith slán anois ag mí-fhollántas na huaire. Tá na daoine foirghe ag báisteach agus ag casacht / Deir tusa go bhfuil sí folláin. Ní den fhollántas a bheith réidhe suas in a bolgán béice mar siúd di. Cheapfainn gur bean í atá fabhtaithe ar fad / Tá follántas san bpórtar ach a theacht le riar dhó (dhe). 'Ar ndó sin é an buille: a theacht le riar dhó, má tá duine ag pléidh leis chor ar bith / Sin follántas a mhic ó, mór-ghalra a theacht ort. Ná bíodh faitíos ort. Sin é do mhaith / Ní follántas ar bith dhomsa a bheith do mo sheacadh fhéin annseo chois claidhe ag éisteacht libse ag nathaíocht / Is breá an follántas do lucht na mbailte móra sin a theacht amach ag déanamh aeir faoin tuaith 'chuile Dhomhnach / Ní imeódh sé folláin muise dhá bhfeicinnse é = bhuailfinn é. / Ní folláin a d'fhágfadh sé an teach seo dhá mbeinnse roimhe. Faraor nach raibh! / Maidir leis an áit sin! Tá follántas ann, ach sin é an méid! / Tholg mí-fhollántas an tí frén a chéile iad / Is mór an mí-fhollántas a bheith do do chaidhleadh le deatach chuile phuinnte mar sin / Níl an fata seo folláin déarfainn = slán; tá sé fabhtach istigh ann / B'fhearr dhuit an tsail sin a thligean fé'int a bhfuil sí folláin. Is mór m'aimhreas go bhfuil fabharcáin inte / Níl aon-fhata folláin ag gabhail leis an gcúl thoir.

Shílfeá go mbeadh nó go mbreanóchthá go grinn orra / Bhí giúirinneach
-aí air (: clár) ach bhí sé folláin. Ní raibh air ach an chéad-bhrat.
Má fhánn tú ar an gcéad-bhrat giúirinneacha iad (: cláir san
mbruth faoi thír), tá agad. Ní bhíonn siad lota. / Is beag an
mhaith an tsail sin. Níl orlach bacaird folláin in a corp. Nach
shin í foirghe ar fad ag giúiríní í? / Deir tú nach gcuirfeadh
púdar an leic sin thoir in aer. Cheapfainnse go gcuirfeadh.
Tá dromán folláin aice. Nach bhfuil sí in a clár reatha
ar fad? Níl sí siunáilte chor ar bith. Ní féidir púdar a
chur in aghaidh siunta i leic. Dhá gcuirfeá, ní bhainfeadh
sé di ach screamhóigín / Togh na meaingiols fholláine
anois agus caith aca iad. Níl aon-mhaith an chuid atá
in a bpiora a thabhairt dóibh /[An té atá ag ceannacht
uibheachaí, is minic a gheobhfas sé cuid nach mbeidh
folláin. Ní móide go gcreidfeá mé faoi seo, ach an t-am
a raibh mé i Sasana, fuair mé ubh le mo bhéilí lá ann,
agus nuair a bhris mé í, deir tú leis an éan a léim
agam (: chugam) amach!]/ Ara muise níl an geolbhachán
sin folláin chor ar bith agus ní raibh ariamh =
go bhfuil sé fabhtach; go bhfuil feall agus caimiléaracht ann /

Fuaighe: Ainmfhocal: Fireann (: fuaim fūəī) Feic "uaigh" freisin
Fuaighe: cuainín beag cruinnithe nó crompán caol; aircín

Bhí an bád feistithe i gclochar san bhfuaighe againn, agus
scannraigh agus cho gárha agus a tháinig an oíche, go bhfuadóchaí
orainn í / Tá an réim cladaigh sin soir romhat
ar fad anois faoi fhuaigheannaí mar sin. / Níl meillsceán-
ach ar bith sna fuaigheannaí beaga sin. Dhá dtugtá bord
amach faoin Oileán Aerach nó faoi Dhuibhnis sin é an áit
a bhfeicfeá í / Tá togha na feamainne ar na fuaigheannaí
sean-fharraige sin ach deis a bheith agad len a baint / Ná
bac le dhul amach ar an leathrach! Níl sé de mhisneach aige
a dhul amach as an bhfuaighe fhéin ní áirím a mhalrait. Sin é
an bádóir agad!

Futh (: Foth) Fuithín: Ainm-fhocal, Firinscneach.

Futh: (i) Dubhshraith nó cúrsa buinn tí is cosúil. (ii) cruachín bheag shuite choirce fhéir nó mhóna, nó gróigín beag móna [Fuithín i gcéill (ii)]

Tá sé déanta aige ó fhuth go fragh = teach a bheith déanta ón íochtar go barr an bhalla, nó a bheith déanta ar fad amanntaí. [Is cosúil go gciallaíonn futh an dubhshraith annseo. Níor chuala mé é ach san leagan sin] / Leag an tóirneach an teach ó fhuth go fragh / Ní bhfuair mé ar futh ná ar féar é = in áit ar bith = níl sé le fáil in aon-áit san tír (tá an leagan seo an-choitianta] / Bhí sé annsin ar baillín, ach ní fheicim ar futh ná ar féar anois é / [Sin é an chaoi a mbíonn an dearmad. Leagann sib rud uaib agus ní bhíonn sé le fáil ar futh ná ar féar in u (: ur) ndiaidh / D'imigh bean as sin thíos i mB. an bhliain cheana, agus dheamhan ar fríodh ar futh ná ar féar ó shoin í / Cuir isteach an t-asal sin agus cuir glais agus aithghlas air, nó dheamhan a chos a bhéas ar futh ná ar féar amáireach. / Tá mo lá caithe agam in a dhiaidh agus gan é ar futh ná ar féar. Caithigidh sneachta ar a lorg anois. Dheamhan amharc a fheicfeas sibh go deó air. Sin í ur gcuid sleam-chúise féin]// Tá fuithín déanta aige seo thuas = sumad nó sumadán nó cruachín bheag arúir; staicín bheag de chruaich; is minic gur amuigh sna goirt a dhéantar a leithide; cruachín nó guigín móna nó coca féir freisin / Dhíol sé a raibh de mhóin ag gabhail leis. Níl aige anois l'aghaidh na teine ach an dá fhuithín úd. / Droch-rath uirre agad nach ndearna cruach bhreá shlachtar, thar agus an fuithín salach sin / Tá dhá chruaich bhreá ar iothlainn aige agus fuithín eile amuigh /[Mo chreach muise an poll fataí atá clúduithe aige sin. Tá: fuithín beag agus gan dhá bhruineoig ann. Is cuma leis san diabhal é ach an comhaireamh a bheith aige]/

Froisín: Ainm-fhocal; fireann = (i) "súisín"; scéal; cúrsa. (ii) troid siúite; díbliú; "an teanga"; a fháil faoi na foraí; a fháil "garbh".

Mara bhfagha an fear sin sásamh san gcúirt, níl a fhios agamsa cén

fhroisín é = cén scéal é; mara bhfagha sé sásamh is aisteach an scéal é [súisín = "níl a fhios agamsa cén súisín é" — adeirtear go hiondúil mar seo] / Má tá sé sin ag dul ag pósadh aníos agus é in a shean-fhear chríon liath, níl a fhios agamsa cén froisín é / Dhá n-abruíodh muid faice bhí froisín le fáil againn = gheobhadh muid liobairt den teanga, nó bualadh b'fhéidir; bheadh scéal againn air /[Thug an sagart froisín eile dhó inniu. Tuilleadh diabhail aige! Is maith an aghaidh air é agus é féin dhá thuilliúint / Tá froisín geallta aige dhomsa má chastar an bealach seo é. Ach dar diacaí má leagann sé barr a láimhe ormsa ní bheidh aige ach malrait. / Gheobhaidh tú froisín ó'n máistir amáireach mara mbeidh do chuid teagasc Críostaí agad. Beidh "te te" ann tá faitíos orm]/ Tugann sé froisín achrainn don bhean anois agus aríst, nuair a chinneas chuile dhuine eile air. Ní beó é gan a bheith i gcomhnaí ag sceaimhínteacht. / Mara mbeidh sib isteach annseo ag an bpáidrín anocht, gheobhaidh sib froisín maith ón ur n-athair. Is beag an dochar daoibh náire a bheith oraibh dhá gcailleadh féin ar bhóithrí ó oíche go maidin /

Fuille, Fuilleach: Ainmfhocal = rath; ádh; amhantar; biseach, caoi.

Ná raibh fuilleach (fuille) ort! = eascainí; ná raibh rath etc. ort. [Níor chuala mé é ach san leagan sin] / Ná raibh fuilleach air, an gadaí, le cleas a dhéanamh! Is beag a bhéarfadh orm a dhul agus dhá leith a dhéanamh dhá dhruim, an diabhlánach bradach /

Feichín (: f ′ ehīn ′); Feichín Fóir: ainm duine; tá sé an-choitianta ó Rosmuc go hInis Bó Finne agus inDúiche Sheoigeach freisin; níl sé le fairrge san taobh ó dheas de Chonamara.

Ná raibh Feichín Fóir leat! = eascainí; ná raibh rath ort; ba é Feichín a thúsaigh an mhaintir mhór ag Fóir san Iar Mhidhe / Má

d'imigh muise, ná raibh Feichín Fóir leis ag imeacht. Ní mórán duine, a chuirfeas a bheannacht leis / Ná raibh Feichín Fóir leat a mhadaidh. An greim aráin a bhí mé a chur in mo bhéal tá sé tárluithe leat agad. / A Fheichín mhíorúilte (mhíoruiltigh?) go dtuga tú slán mé as gach gábh agus contúirt dá gcastar mé! = guidhe /

Falrach, Falra: ainmfhocal, fireann = reacht nó meacan goil, gáire, anbhá, casacht etc; fuile faile; srannán. [falra adeirtear go minic]

Bhuail falrach goil, gáire, casacht, plúchadh, cainte agus rl. é = nuair a bheadh falrach ar dhuine, ní go maith a thiocfadh a chuid cainte leis le teann goil agus rl. / Tá falrach caoineacháin ann. /[An dteagann an falrach sin ort go minic. Is olc í an iomarca den chasacht muis / Teagann falrach cársáin ann corr-uair agus is beag le go dtugann sé a anáil leis chor ar bith / Chuile uair dhá mbíonn falrach den phlúchadh sin air, bíonn sé cho cantalach le dris. B'fhéidir go mbeadh sé cho cineálta len a bhfaca tú ariamh aríst lár na mháireach. Diabhal neart a bhíos aige air. Lá ag plúchadh, agus lá go buacach, adeir siad]/ Bhí falrach ann a mhic ó ag teacht aníos an bóithrín. Dheamhan focal den chaint a thuigfeá uaidh. Bhí sé balbh ar fad. Shílfeá gurb í an taoille a bheadh ag teacht air / Bhí falrach i mná an bhaile seo síos inné. An bodachín ruadh (: an sionnach). Thóig sé seilbh ar tigh T. Sh. ar fad. Thug sé chúig cinn uaithe, agus trí cinn ó Nóra / Teagann corr-fhalrach den chasacht orm ar feadh na hoíche agus shílfeá go bpléascfadh sí ó chéile mé / Ní raibh falra ariamh air go dtí an oíche sin = anbhá; excitement /

Farradh: Ainmfhocal; Fireann; Iolraidh: farraí; farraíochaí
Farradh: (i) Áladh; ruathar; ionnsaí thobann; tosaí ag tabhairt liobairt ort agus gan aon-tsúil agad leis. (ii) stolladh géar gaoithe; creatalach ghaoithe; feannadh gaoithe.

Thug sé farradh fúm gan fáth gan ábhar. / Diabhal blas a rinne sé ach farradh a thabhairt

faoi, agus a shíneadh ar shlatrachaí a dhroma, agus glúin a bhualadh ar a bholg / Is oilbhéas -ach an madadh é sin ag an gC. Thug sé farradh fúm trathnóna agus stróic sé mo threabhsar. Is beag a bhéarfadh orm cur faoi ndeara dhó a bháthadh / Tháinig an gamhain fúm d'fharradh, agus buail sé isteach in éadan an chlaidhe mé. /[Níl aon-dochar in Johnny M. Dheamhan ann ach an farradh sin. Gan áird ar bith a thabhairt air, ach cead aige fuarú san gcraiceann céanna ar théigh sé ann cheana / Má fhaghann sé siúd farradh ort, dheamhan fata a changlós tú le do mharthainn aige / Ní suaimneas dóibh fós. Feicfidh tú in a chogadh é anois aríst go deo. Náisiún ar bith aca sin a aireós aon-spreacadh ann fhéin tiúrfaidh sé farradh gan aireachtáil faoi cheann eicínt eile / Is diabhlaí an farradh atá ann. Téighfidh sé seo na sean-chreatalachaí ag an móin = gaoth]/ Níl currach ar bith indon a dhul chun farraige inniu leis an bhfarradh atá ann / Beidh arúr sínte ag an bhfarradh seo. Is ciotach an t-am ar tháinig sé agus na daoine faoi réir le dhul ag baint / Ní fhéadfá aon-ghráinne coirce a cháthadh inniu agus an farradh atá ag éirí. Dheamhan gráinne a d'fhágfaí agad. / Dhá gclaochmaíodh an farradh bradach seo b'fhéidir go ngabhfadh an uair chun cineáltais, ach tá chuile chosúlacht air, ach claochmhú /

Frompach: Frompán; Frontach: ainmfhocal; fireann (frompán): buineann [frompach]
Frompach: Frompán etc: staicín thiugh théagarach de chailín; sudóg shuite [an dísbeagadh — frompachín, frompáinín, frontachín — adeirtear i gcomhnaí beagnach]

Is deas an frompáinín de chailín í, bail ó Dhia agus ó Mhuire uirre / Má phósann sé an fhrompachín siúd, gheobhaidh sé lán stoca léithe / Níl innte ach frontachín bheag. Ach 'ar ndú' mara bhfuil sé suas agus anuas inte, tá sé siar agus aniar agus anonn agus anall inte, arsa tusa. Bíonn gabhail na gaoithe san duine beag féin amanntaí /[Beannacht Dé dhuit! Nach bhfuil sí in a frompáinín buailte thíos ar an talamh. Dheamhan fear faoi na brait a phósfadh í, ach an té atá dhá pósadh]/

Féigin: sloinne (Fagan)
"Dhá mhar a chéile Féigin aerach agus a bhean" = is cosúil le chéile Féigin agus rl. = dhá mhar a chéile an ballséire agus a ghiolla = dhá mhar a chéile an cháiteog agus an súsa / "Ar ín ar éigin a rugadh Féigin" = níl ann ach focal-mhagadh /.

Fuireann: Ainmfhocal; Fireann; Geiniúnach Uathaidh: an fhuirinn; Uimhir Iolraidh: fuirinn, fuireannachaí.

Fuireann: scata daoine; roinnt daoine; an oiread daoine agus nar mhór i mbád; an méid nar mhór i meitheal oibre; culaith nua éadaigh; feisteas troscáin, éadaigh leabthan, earraí i siopa, feisteas cruithe ar chapall, drad fiacal, gréithí, gléas capaill, deis dhéanta poitín agus rl. ["set", "suite" a bhíos i gceist. Bíonn níos mó ná ball amháin i bhfuireann]

Bhí fuireann mór ag an damhsa = scata, plód / Bhí fuireann as an gC. Dh. ar cuairt aréir againn / Chuaigh fuireann as an teach seo ar an mbainis / Tá fuireann mór san teach sin = muirín /[Bhí fuireann mór ar an mbus inniu / Cáil an fuireann se'agaibhse imithe? = an mhuinntir / Tá an-fhuireann daoine ag ceann an bhóithrín / Ghabhfadh fuireann as an áit seo siar ann dhá mbeadh a fhios go raibh sé ar bun / An bhfuil fuireann ag teastáil uait. Gabhfaidh mise leat (i mbád nó i gcurrach) / Cá ndeachaidh fuireann na curraí / Tá do dhóthain fuirinn agad i gcurrach má tá beirt iomróirí maithe inte]/ Is beag an fuireann a bhíos sna soithigh beaga sin chor ar bith / Sé an uair a bhí siad ag brath ar imeacht a bhí fear den fhuireann ar iarraidh. Ní raibh sé le fáil i bhfus ná thall / Ní fhéadfadh sé a dhul ag obair inniu cheal fuirinn. Níor tháinig ach triúr /[Seisear an fuireann annsin. Níl siad in ainm agus a bheith faoi sheisear aon-uair]/ Ní fuláir duine eile le fuireann a dhéanamh má's i bpáirt a imreós sib. Níl againn ach cúigear // Tá fuireann nuadh air arís. Is gearr ó cheana a fuair sé fuireann = culaith nua éadaigh. / Nach maith a bhéas fuireann aice i gcomhnaí nuair a bhéas fuireann eile salach = túáillí, éadaigh cláir, éadaigh leabthan agus rl. / Mara bhfuil d'éadach Domhnaigh agad ach iad sin, is gearr nach mór duit fuireann nua / Níl aon-leabaidh ag gabhail linn anois nach dteastódh fuireann nua uatha, más fada gearr go gcuirtear orra iad. Chreidim gur fada sin inDomhnach / Ab shiúd é an fuireann céanna a bhí air an lá faoi dheireadh nó an fuireann eile é? 'Ar ndú' is beag a aireós sé sin fuireann a fháil uair ar bith a dtogróidh sé /[Is daor an ailím fuireann a cheannacht anois. Níl aon-chulaith éadaigh le fáil

thíos inG. gan naoi bpunt airgid / Chuir sé fuireann nua isteach san
siopa = lastas nua Earraí / Tá teach breá aige ach m'anam nach ndéan
-faidh sin siopa dhó, mara bhfuil an cur leis ann. Is beag an mhaith dhó
ballaí fuara mara bhfuil bráigill air le fuireann a chur isteach]/
Ghlan sé amach an sean-troscán ar fad agus chuir sé fuireann nua
glan as an bpíosa isteach. Is mór an áilleacht an teach atá
aige anois / Chuaigh sí Gaillimh inniu le fuireann (: troscáin) a fháil.
Tá sí le "Gaeilgeóirí" a choinneál imbliana / Is mór a choisneódh
fuireann don tseomra sin anois. Lán laidhre a mhic ó! Tá chuile shórt
in a ór / Caithfidh mé fuireann cruithe a chur suas inniu = "set"
iarainn ar chapall /[Cé mhéad atá an gabha seo thoir a bhaint
amach ar an bhfuireann anois? / Tháinig sé isteach annsiúd
san gcearta, agus d'iarr sé fuireann a chur suas dó =
cheithre chrú ar chapall, asal agus rl.]/ Tá mo dhóthain gualach
agam l'aghaidh fuireann iarainn, ach tá an gabha sin thiar
ag leanacht na ndaoine ro-dhaor ar fad /[Is géar a
theastódh fuireann a chur ar an asal sin, dhá bhféadtaí é.
Sé a tharraingíos an mhóin ar fad]/ Tharraing sí an drad fré
chéile, agus tá sí le fuireann eile (fiacal) a chur isteach ina n-áit /
Tá mé ag ceapadh gur mhór a tharraingeódh (: a choisneódh) fuireann
anois. Níl rud ar bith 'ar ndú is daoire ná fiacla / Tá
an sean-ghléas sin stiallta ó chéile go deimhin. Caithfear
fuireann nua a fháil gan mórán achair (: úmachaí capaill cairte
: bríste, coiléar agus rl.) / Is fadó an lá nach ndearna sé aon-
deoir cheana. Dhóigh na misinéaraí an oirnis air, ach chuala mé
go bhfuair sé fuireann nua le goirid (: gléas déanta poitín
: pota, "bhorm" agus rl.) /[Is ait an stiléara é sin dhá mbeadh fuireann
aige / Nuair a cailleadh an mháthair, d'árduigh an cliamhain an foireann
leis ar fad. Ní raibh oiread agus priocach de láighe aige seo nuair a chuaigh
sé isteach ann. Ba é an chéad-mhaith ab éigin dó a dhéanamh, a dhul agus
foireann nua a fháil: céachta agus cliath fhursta agus sluaiste agus 'chaon
tsórt. / Chaith sí amach na sean-ghréithí ar fad, agus cheannuigh sí
fuireann nua. Tá drisiúr ornáilte anois aice. Deir siad go scuabann
gach scuab nua glan]/ "Fear agus fuireann a bhí ag Mac Mhaolra" (: líne as
amhrán].

Foighdeán: Ainmfhocal, fireann = farradh nó súiteán a thabhairt faoi rud; a dhul de ruathar faoi dhuine nó faoi rud; ionnsaí de dhurta dharta.

Thug sé foighdeán faoi agus chuir sé anuas d'aon-iarraidh amháin é. Is maith a chuaigh sé as nach ndearnadh dhá leith dhá ceann ar an mbóthar / Thug an bhó ghlas foighdeán faoi bhó T. Sh. agus shíl sí a cur soir thar an gclaidhe, mar gur eirigh Dia liom a bheith ann /[Ná fágaighidh an gasúr sin le sleamchúis ar bith in aice na gcaorach tíos (: níos) mó. D'ionnsuigh an reithe é inniu. Thug sé cupla foighdeán faoi, agus d'fhágfadh sé in a chuailín cnámh é, marach gur dhíbir mé soir uaidh é]/ Dheamhan a leagfadh sé é, nó go n-itheadh sé é, marach gur d'fhoighdeán a tháinig sé faoi. Th'éis go raibh triúr aca air, ba bheag bídeach nachar eirigh sé dhá mbuíochas aríst /[Tá an bulán an-dodach leis an ngamhainín sin a ceannaíodh. Tá gacha le foighdéan aige faoi ó mhaidin: dhá bhualadh len a chloigeann. Caithfear a ndealú ó chéile. Ní dhéanfaidh siad aon-chúis mar siúd]/

Fosaíocht: Fosaí: AinmBhriathar; Ainmfhocal = ag cumhdach bheithíoch a bheadh istigh ag tiomsacht ar thalamh nach mbeadh fáluithe ó ghoirt; ag cumhdach bheithíoch etc; ag coinneál rud nó scéal idir chamánaí, nó ag déanamh moille faoin a innseacht nó a thabhairt uait; ag imeacht ag forcamhás ar dhuine, nó ar an rud a bheadh aige. [Fosaí: an duine a bheadh ag fosaíocht le beithigh]

Tá sé annsiúd thuas ag fosaíocht. Tá leath an gharraí siúd faoi fhataí agus an leath eile faoi chimín /[Chuir mé an t-ógánach seo ag fosaíocht ag an gcladach inniu, ach go deimhin agus go dearfa is olc an fosaí é. Leig sé na beithigh aniar thar an gclaidhe san gcoirce, agus é féin ag rith indiaidh coiníní. Go deimhin theastódh na claidheachaí siúd a bhiorú. Dhá mbeidís bioruithe ní iarrfaí a ghnatha air / D'fheicinn M. B. ag fosaíocht annsin thíos fadó inGarraí Ú. Mh. Bhí a leath fútha féin agus faoi mhuinntir Ph. Mh. an uair sin. Dheamhan lá san aer nach dtugadh sé néal chodlata leis, agus na beithigh ag sracadh fataí. Ba mhinic a tharraing a chuid fosaíocht troid]/ Is beag an fhosaíocht atá ann anois ó "stripeáladh" an talamh, ach fadó b'fhéidir go mbeadh garraí in a cheithre chuid, agus gan oiread an urláir ag an duine dhe. Tá fál anois

ag chuile fhear dhó fhéin agus is maith an scéal é. / Bhíodh fál buaile ann san sean-reacht. Ní bhíodh cuid den talamh roinnte chor ar bith, ach cead ag chuile fhear a chuid fhéin a chur air, agus duine a chur amach ag fosaíocht in a gcionn annsin. Ag pailitéaraí is mó a bhíodh sé … Dheamhan binn ná binn a shocruithí ar thalamh den tsórt siúd. Bhíodh an talamh cuir agus an cimín cho maith le chéile gan claidhe ná fál. Dhá mbeadh droch-fhosaíocht ann, an té a mbeadh foghail déanta air, bíodh / Níl aon-mhaith dhom a bheith ag fosaíocht leis ach é a rádh amach = cainnt nó scéal a bheadh duine a choinneál siar / Má tá a fhios agad é, ná bí ag fosaíocht leis ach innis amach duinn é, gan frapa gan taca / Is mór an fhosaíocht a bhí agad léithe, nachar chuir isteach faoi Sh. í agus bheadh tuitim imearha agad arís. Ní chuirfinn ag imirt chnaipí thú = imreoir a choinnigh an t-aonahairt ro-fhada in a ghlaic /[Má fhaghann tú dath an mháimh an iarraidh seo, ná bí ag fosaíocht leis mar a bhíos tú i gcomhnaí, ach tabhair clár dhó. Feicimse chuile fhear ag forcamhás ar an gcúig dheireannach / Má tá aon-bhraon fuisce ann nach diabhlaí an fhosaíocht atá orra leis nach roinneann amach é. Beidh lucht na tórra(imhe) imithe ar ball, agus gan duine ar bith len ól / Bhí a fhios agam go raibh an rud sin ar a intinn i gcaitheamh na seachtaine, agus nach híontach an fhosaíocht a bhí air in a dheidh sin, nach gcainteódh sé as a bhéal air. Tá sé an-dorcha / D'aithneódh dall gan súil go raibh fosaíocht eicínt air leis an láimh i gcaitheamh an achair. Bhrath mise go maith é. Bhí a fhios agam go raibh an t-airgead i gcúl a ghlaice aige, ach nach dtiúrfadh sé don fhear istigh é, go mbaineadh sé an méid sin cainnte amach. Diabhal mé muise gur beag eile sáraíocht a dhéanfadh sé nuair a mhaithfeadh an ceann istigh dhó é. B'fhearr leis a theacht len a raibh faighte aige, ná a bheith dhá mheárú fhéin]/ Breá nach bpósann sé an gearrchaile agus gan a bheith ag fosaíocht léithe níos fuide. Is olc í an chúirtéaracht fhada / Bhí sé annsiúd ag fosaíocht leis an ministéara agus an ministéara ag coinneál deóladh leis ariamh. "Jumper" a bhí ann = ag forcamhás air / Is beag an tsamhaoine dhó muise a bheith ag fosaíocht le M. Ph. Sh. Dheamhan brabach a bhéas dhá bharr sin aige. Cut bradach a gheobhadh brabach air. Ní raibh aige ariamh ach an láimh iata. /

Fora; Forú, Furú: ainmfhocal; uaillbhreas [forú, is mó adeirtear]

Fora, Forú, Furú = (i) uaillbhreas. (ii) mífhoighid agus deifir in éindigh; an-deifir nó an-driopás; anbhá; "galra ráithe"; uafás; súnás.

Furú! Amach annseo! = déarfadh gasúir é agus iad ag spraoi, go háirid agus iad ag ionnfairt nó ag rith / Forú annseo thrí na driseachaí! / Cuirfidh mé geall má rithimse nach dtiocfaidh tusa suas liom. Furú! / Furú! Feicim thú! = nuair a bhrathas an gasúr a bhíos ag tóraíocht, gasúr a bhíos i bhfalach san "bhfalach bhíog" / Ní bheidh aon-fhora ar aonduine ag rádh rud nó go mbeidh sé ar meisce. Scéithfidh sé a mbeidh in a bholg annsin. / Is faoi atá an fora pósta. Shílfeá go mbeadh a dhóthain breithe aige air / Forú Jude = leasainm atá ar dhaoine san áit seo. Bhíodh bís deifire i gcomhnaí ar dhuine aca /[Bhí an-fhorú air inniu ag dul chun an phortaigh. Dhá mba lá maitheasa é, is beag den fhorú a bheadh air, deirimse leat / Chuaigh sé soir agus forú faoi. M'anam muise go n-airíonn sé síol nua eicínt thoir agus an oiread sin forú a bheith air. Is beag an forú a bheadh air, mo léan, ag dul amach ag án a gharraí / Diabhal mé gur aréir ag an dó dhéag a chlog a bhí an forú ar fad air. Shílfeá go mba lá earraigh aige é! 'Ar ndú' is cóir adeir siad gur trathnóna a níos an tóin an tochras]/ Cén sórt forú atá air seo suas? Níl breith bonn báis aige go mbeidh sé thuas ag tolladh sna clochair sin. M'anam muise nach len a fhoghail ann é! Bheadh an oiread talúna deargha ag fear roimh a bhricfasta agus atá deargha aige ann le coicís / Ní chuireann sé cuma curha ar bith orra (fataí) le forú. Bhí sé cho maith dhuit muic a leigean san ngarraí leis. Scrábálaí salach, ós sin é a ainm /

Forás: ainmfhocal, fireann = rath, dul chun cinn, maith, biseach, fíriúlacht, ádh agus rl.

Níl aon-fhorás air (ann; faoi) = níl aon-rath air; níl sé ag dul chun cinn san saol; níl aon-mhaith ann; níl sé ag cur aon-chuma ná aon-ghoití oibre air fhéin [Má dheirtear "níl aon-fhorás ann nó faoi", séard is dóigh dhí a chiallú: níl aon-bhiseach nó aon-teacht suas nó aon-éifeacht ann] / Is fear gan forás ar bith é. Dhá mbeadh aon-fhorás air, ní cead lobhadh sna poill a thiúrfadh sé dhá chuid

fataí anuiridh, cheal a gcur isteach. Go deimhin ní fear tíomhais é / Dhá mbeadh sé sin ag dul 'na scoile go deo dheamhan forás a bheadh air, mar dheamhan meabhair ann. Ná bac le meabhair annsiúd / [Ag imeacht ag fálróid síos annsin gan sórt forás ar bith a bhíos sé. Dhá gcuirtheá slat chruínn (chrainn?) ar Éirinn ní bhfuightheá a leithide eile / Níl forás ar bith ar an saol anois ná cuid d'fhorás. 'Ar ndú' ní féidir tada a fháil / Maidir le forás níl a leithide uirre. Ná ní bheidh tá faitíos orm / Fear gan forás é má sin é atá sé a dhéanamh anois]/ Dheamhan lá téagair ná foráis a dhéanfas an cúpla sin choíchin = lánúin a bhí ag troid / Ní fheicfidh tú aon-lá foráis air sin le do mharthainn. Mo chreach an forás muis. Dhá mbeadh indán foráis dó, scagfadh sé é féin amach uiliog ó na bithiúnaigh sin thíos / Ní bheidh lá foráis ort nó go bpósa tú. Sin é atá agad a dhéanamh /[Is baile gan forás é an baile seo ó thosuigh na pailitéaraí ag taithighe ann. Caithfear a dhul rómpa nó déanfaidh siad cis ar easair dhínn]/ Sin teach foráis deirimse leat. Ach is beag an dochar dhó sin agus a bhfuil de theacht isteach ann. Saol maith é an saol seo ag daoine / Tá sí as forás anois ó a chuaigh sí ar an ól = tá a cuid foráis ar iarraidh ó a chuaigh sí ar an ól / Is áit ar bheagán foráis an áit sin / Dhá laghad forás an t-athair muis, is lú ná sin an mac /[Níl aon-fhorás ar fhéar i mbliana. Fuair sé an spalpadh mór. Tá sé críonta uiliog san talamh]/

Fidh (: f ′ ə): ainmfhocal; buineann; uimhir iolraidh: fidheannaí [fidh = iodh? = fáinne]
Fidh: an caiseal a bhíos ar rudaí áiride .i. ar bhórán, roithleán, ciseog etc. Ar chaiseal bóráin is mó a thugtar é. Sén fáinne árd cruinn é a mbíonn an tóin fastuithe air. Tá an focal ag seirgeadh, mar ní dhéantar bóráin anois ach go hannamh. Adhmad nó slata a bhíos san bhfidh.

Níl san sean-bhórán atá annseo anois ach an fhidh. Chreidim nach ndéanfar a mhalrait aríst go brách / Tá fidh na ciseoige réabha ó chéile. Cén diabhal a rinne sib léithe. Caithfidh sib cupla slaitín a fháil aríst agus a snadhmadh in a chéile. Níl fad méire againn ach í / Rud é atá ag dul isteach agus amach thar a chéile mar a bheadh fidh criathar ann. Dheamhan iongás mar é a chonnaic mise ariamh. Ach marach go raibh foghaint eicínt ann, ní bheadh sé dhá dhíol cho leitheadach san siopa siúd /.

Foracún: Ainmfhocal; Fireann. = go leor; cuimse; bleitheach mór.

D'ith mé foracún = go leór, bleitheach maith / Tá foracún ólta aige / D'eirigh foracún éisc linn aréir. Dar fiadh, d'eirigh agus foracún maith / D'ól mé dhá fhoracún le seachtain, agus má d'ól féin ní fearrde sin mé /[Tabhair dhom foracún bláthaí. Ní choiscfeadh an abhainn mo thart / Ní féidir gur ag brath air foracún eile a chaoineadh atá tú. M'anam gurb ort atá an chaoi / Caithfidh sé foracún báistí anocht / Tá feamainn dearg istigh, agus foracún di. / An uair a bhuail sí mé (buinneach) chuir mé foracún as mo bholg. Ba réidh an achair dhom sin / Chaill sé foracún fola, ach is beag a aireós sé siúd é. Bhain -feá fuil as le dealg spíonáin / Chuir sí cupla foracún fola amach. Nach shin é do dhóthain. Eitinn]/ Bhuail fonn múisce é, agus chuir sé foracún amach / Chuaigh dhá fhoracún aoil as cionn a chéile ar an mballa sin = dhá bhrat / Cuireadh seacht bhfor- acún déag leasú ar an ngarraí sin thoir, agus má cuireadh féin, ba gheall le cúrláin na fataí a bhí ann. Níl a fhios agam nach hé an chaoi ar maruíodh le leasú é / Tá foracún eile clocha briste dhá chur ar an mbóthar anois, théis go ndeacha dhá fhoracún cheana air. Tá siad in a mbrachlainn annsin thíos ag béal an bhóithrín /[Bainfidh mé foracún eile móna sílim thárla am agam air / Cuir feamuinn tirm orra agus foracún guano as a cionn, agus rachaidh mise faoi dhuit go mbeidh barr agad ann]/

Feidheall: Padhall (: fʼəiʟ; pəiʟ): ainmfhocal; fireann (file, pile?)
Feidheall: Padhall = scata mór; scaoth; saithe; scuaine; uimhir mhór.

Tá feidheall (padhall) cuit annseo amuigh = scata / Tháinig feidheall meachan amach as an gcuasnóig agus d'fháisc siad air. Sin é an fear a fuair a chiapadh uatha ceart /[Tá padhall mádraí timpeall mó thí chuile oíche do mo choinneál ó chodladh. Sé saol na madraí é, agus ná bíodh an saol ag caint. Sean-asal an tincéara atá dhá dtarraint ann sílim. Dar ndú sé bás an chapaill beatha an mhadaidh.]/ Chonnaic mé feidheall franncaigh annsin thoir inné ag an gcróín. Thiúrfá luadháin orra /

Funóid: Funóideach (fu̯nōd ʼ): ainmfhocal buineann, agus aidiacht as. (Fanóid)
Funóid: magadh [is measa agus is gearbalaí de mhagadh é ná fachnaoid]; caint ghreamannach; magadh míchéatach; nathaíocht; deaghchaint; greann géar

Bíonn tú i gcomhnaí ag funóid fúm. Nach breá nach leigfeá dhom uair eicínt / Leig de do chuid funóide liom anois. Tá mo cheart le déanamh agamsa thar agus mná a bheith ag cur imní orm / Diabhal a leithide d'fhunóid a chuala tú ariamh agus a rinne sé faoi, ingeall's go ndeachaidh P. bocht soir ag pramsáil dhamsa ar na leacrachaí. Níl a fhios agam an mbeadh aon-acmhainn aige fhéin dhá dtosuighthí ag funóid faoi / Tá funóid ar a aire anois sílim, ó a buaileadh síos é. Tá a chuid bainne slainte ólta. Ní chuirfidh sé an chois siúd faoi len a ló. Nach bhfuil sí seacáilte ar fad, agus an fhuil cruinnithe in a carcair taobh thuas dhá ghlúin / M'anam gur mac sách funóideach é, dhá leigtí leis. Dheamhan magadóir a chonnaic tusa ariamh is fhearr ná é. / Nach funóideach an chaint í sin. Beidh tú in m' éadan nó go gcoipe tú mé, agus bíodh do chonra faoi réir annsin agad /

Flasach: Flasúlacht: Aidiacht; Ainmfhocal (: buineann) [flaitheasach?]
Flasach: galánta; mórdhálach, cur i gcéill gur mó agus gur saidhbhre thú ná mar atá tú dháiríre. Flasúlacht: a bheith flasach, nó galánta etc. [Achréidh]

Tá sí an-fhlasach. Bhí stróic mhór leithid inte chuile lá ariamh. M'anam muise d'ailí, go mb'fhéidir go bhfuil sí ag fáil a sáith le déanamh agus mair-eachtáil ach an oiread le duine / Sin í a gcuid flasúlacht sin i gcomhnaí. A Mhuire Mhór nach i gcuid de na daoine a bhíos an stróinéas! Dheamhan pioc acu ach an oiread liomsa, agus ní ceithearnach mór mise, mar atá a fhios ugad (agad) fhéin. Ach cuireann an ghaileam -aisíocht a dhá oiread maitheasa ar chuid de na daoine! / Bíodh ciall ugad! Fear fólamtaí thú indar liom fhéin, agus in a dheidh sin tá floscaí agus flasúlacht an dream seo do do dhalladh. Ar innis tú é sin do Ch. Sin é an fear a d'innseódh duit cén deis iad. B'fhearr dóibh a dhul agus leasú na bliana anuirí a íoc, ná bacadh len a gcuid flasúlacht / Tá siad flasach, bíodh an cur leis ionta nó ná bíodh. Ach is mór a mhealltar le dath, arsa tusa. Gheobha siad fir agus nach cuma dóibh! /

Fíneáilte: Aidiacht Bhriathar [ní mheasaim go mbíonn aon-leagan eile air: fine?]

Fíneáilte (fʼīnʼāʟʼtʼə): gan aon-fhíonnach (: beithigh); sleamhain as a gcraiceann.

Stail fhíneáilte ghránna í. Ní tada eile í. Ní thiúrfainn mo chapall chuice chor ar bith dhá mba mé thú = gan aon-fhíonnach / Ní bhíonn an ghlib sin suas ón a sála ar chaiple fíneáilte chor ar bith: caiple rása, nó caiple a mbíonn cosa fada orra. Tá sí (an ghlib) ar an gcapall sin amuigh againne. Tá agus claimhreach dhiabhalta /[Tá craiceann an-fhíneáilte, an-lom ar an mbudóig sin a cheannuigh sé. Ní thaithneóidís liom ro-fhineáilte. Dheamhan údar maith a chonnaic mé den chineál sin ariamh / Fíneáilte! Tá sí cho sleamhain agus go sciorrfá di. Dheamhan a leithide a chonnaic mé ariamh]/ Tá an gamhain sin an-fhineáilte: ro-lom gan aon-fhíonnach. B'fhéidir dhó sceinneadh amach go maith. Má fhaghann sé aire is maith an beitheach a bhéas ann faoi Nollaig seo chugainn / Ceanna breá fíneáilte iad sin agad bail ó Dhia ort!
Na "poll-Angus" sin bíonn siad amhlaidh i gcomhnaí. Siad na beithigh is mó iad atá thart annseo anois. / Tá an madadh sin an-fhíneailte le goirid. Caithfidh sé purgóid a fháil! / Is gránna iad ro-fhineáilte muis. Théis go mbíonn reimhreacht bhreá sna beithigh fíneáilte sin, diabhal mé go sílfeá go mbíonn na ceannachóirí dhá gcuileáil.
'Ar ndú' tá 'chuile bheithíoch faoin ráta más fíor dóibh sin, ag iarraidh sladmhargaí /

Fiola: Ainmfhocal; Fireann = cíor thuaifill; dóigh; ballséire; ballodhair.

Tá sé in a fhiola ceart aige = thar bharr a chéile; in a chíor thuaifill / Déanfaidh sé fiola dhíot mara bhfana tú uaidh. Is biadh agus beatha leis sin a bheith ar an deaghchaint sin. Ní hé is measa ach an té a thiúrfadh áird air /[Suidhfidh sé i mbun T. Déanfaidh sé fiola dhó (dhe) mara ndíbrighe sé uaidh é. Deir siad gurb é an cheird a bhí orra thíos ann an oíche cheana, ag caitheamh na teine suas ar fud an tí. Dheamhan a gcomhnóidh siad go gcuire siad an teach thrí lasadh air. Is dóibh is mó náire a bheith ag siocadh le sean-fhear bocht mar sin]/ Shílfeá gur rún atá agaibh fiola a dhéanamh dhíomsa anois mar a rinne sib den fhear ar ball. Mo choinsias sdar m'anam muis go mbeidh a leath fúib fhéin mara leige sib domsa /

Fíniú = Briathar (: f ′ īn ′ ū).

Fíniú: ag lobhadh; ag déanamh cnuimhe; ag rodadh; baladh a theacht ar bheatha, de bharr í a bheith ro-fhada istigh gan caitheamh; decaying, decompose

Tá an fheoil seo fínithe. Nach bhfuil a fhios agaibh nach mbíonn seasamh ar bith aice an tráth seo 'bhliain, mara gcuirtear i gcaitheamh ar an toirt í / Is gearr a bheadh caoirfheoil chor ar bith anois, nuair a dhéanfadh sí fíniú. Tá an aimsir an -mheirbh. Beannacht Dé dhuit! Chaithfinn an craiceann féin díom inniu dhá bhféadainn é / M'anam muise má tá na míoltógaí ag lonnú uirre go bhfuil sí ag déanamh fíniú. Nach diabhlaí nachar bhruth sib í le dhá lá. Tá sí ó mhaith anois / Is furasta le corp fíniú ar aimsir the, go mór -mhór corp nach raibh ídithe ag tinneas. Ní fhíneódh corp th'éis luighe fada go deó, mar ní bhíonn bioreanga orra. Bhí corp shean- N. cho héadtrom le cleite, go ndéana Dia grásta uirre! / Tomás Sh. Ara a dhuine tá sé ag déanamh fíniú san gcréafóig le fada an lá. M'anam go sílím gurb dhá bhliain go ham seo a cuireadh é. 'Cheap tusa go raibh sé beó fós / Tharraing sé amach daba muicfheola, agus dheamhan focal ar bith bréige a dhéanfas mé leat. Ba mhór an uais í! Bhí na cnuimhe innte. Bhí go corpan -ta. Diabhal blas di siúd nach raibh seachtain fínithe. Chuir sé síos dá róstadh í, agus thosuigh sé dhá placadh, agus na cnuimhe ag snámh ar fud an phláta. Déarfá go raibh coimpléasc aige sin! Ní fhéadfainn fhéin a bheith breathnú air! Chuirfinn mo liathachaí amach! / Bhí sean-bhean annsin thiar agus bhí fíniú maith uirre san uaigh san am ar tóigeadh í. Diabhal mé go sílim go raibh sí mí nó leath-ráithe curha. Chuaigh cuisle (: inquest) uirre aríst. Bhí le rádh gur maruíodh í /[Caith amach ag na cuit an drioball de scadán sin. Tá sé ag déanamh fíniú san drisiúr le dhá lá. Níorbh fhuláir do dhuine goile Mh. Mh. a d'ith an mhuic chaillte a bheith aige, le drannadh leis sin]/ Bhí an oiread aois aige sin nuair a cailleadh é agus go raibh sé ag fíniú le fiche bliain roimh ré. M'anam go raibh sé an céad go hárd. Bhí agus trí nó ceathair de bhlianta len a chois /.

Féithiú: Briathar (: féitheamh?)

Féithiú: (i) fanacht; fuireacht. (ii) ag casadh; ag athrú cúrsa; ionntú.
(iii) ag teacht; a bheith cóiriúil nó rathúil do … ; a bheith ar a mhian ag …

Sé féithiú an tsionnaigh ar mhagarlaigh an tairbh é = sé féithiú an tsionnaigh ar rioball an asail é [níor chuala mé féitheamh, féithiú = fanacht, ach mar seo] = fanacht fada fánach = fanacht gan tada dhá bharr = a bheith ag forcamhás i bhfad ar rud, agus gan ceo a bheith de bhrabach agad air san deireadh = deirtear go raibh sionnach ann lá brothallach, agus go bhfaca sé tarbh i bpáirc in ucht an lae. Bhí an-ghrian ann, agus bhí magarlaigh an tairbh an-bhealuithe agus an-tsínte ag an teas. D'fhan an sionnach mar bhí sé ag tnuthán go dtuitfidís anuas as puinnte ar bith. D'fhan mar sin go dtí árdtrathnóna, gur mhaoluigh an ghrian agus an teas. Chrap troscán an tairbh suas. Sin é an uair a d'imigh an sionnach go diomúch do féin ar thóir fáitill eicínt eile. Is cosúil nach bhfuil san dara leagan — "féithiú … ar rioball an asail" — ach athrú cuibhiúil ar an gcéad -leagan / Sin é an anois i gcead an chomhlódar féithiú an tsionnaigh ar mhagarlaigh an tairbh aige sin a bheith ag súil le talamh an uncail. Dheamhan fód dó a shaothrós sé len a ló. Séard a dhéanfas an t-uncail ar ball é a dhíol ar fad / M'anam gurbh é féithiú an tsionnaigh ar mhagarlaigh an tairbh dhuit a bheith ag fanacht lé ól uaidh sin. Níor thug sé sin deoir dó dhiaúlach ariamh. Ba bheag an baol air. Is mó ná sin an chion atá aige ar a chuid airgid / Má bhíonn tú ag fanacht go bhfagha tú fáill anoir annseo air sin, sé féithiú an tsionnaigh ar mhagarlaigh an tairbh agad é. Dheamhan a chos sin a chuirfeas a chloigeann anoir thar bhéal an bhóthair sin an dá lá agus a bhéas sé beó / Ba é féithiú an tsionnaigh ar mhagarlaigh an tairbh aige é. Tá mé ceapadh gur sách bréan dó féin a d'imigh sé faoi dheireadh thiar. Chonnaic sé nach raibh aon-mhaith dhó ann / Má fhanann sé go ndéantar bóthar annsin muis, tá faitíos orm go mbeidh sé in a fhéithiú an tsionnaigh ar mhagarlaigh an tairbh aige. Nonsense! / Tá an ghaoth ag féithiú ó thuaidh = ag casadh ó thuaidh, ag iompú ó thuaidh; veering, slanting / Bhí an chú in a

dhiaidh nó gur bhailigh siad an cnocán, agus chonnaic mé ag féithiú soir ar thalamh T. annsin iad. Tá mé ag ceapadh gur thug sé an eang leis / Féithíonn a chuid talúna siar ó thuaidh de chuid an bhaile se'aghainne: siar amach go dtí cuid Bh. Bh. Is diabhlaí an réimse atá aige ann / Ag dul siar díreach a bhí sí ar ball, ach tá sí ag féithiú isteach go hÁrainn anois. (bád). / Caithfidh sí féithiú ó dheas nó go dtuga sí an leathbhord sin léithe. Cuirfidh sí an Ceann Fúithe den scríb seo / Má fhéithíonn tú soir agus soir adtuaidh, ach a mbailighe tú an charra, ní fhéadfaidh tú a dhul amú air. Is furasta a aithinte dhuit é ar aon-chor. Tabhair an lag faoi deara / Ag feithiú síos thríd an bPáirc a bhí sé nuair a chonnaic mise é. Dheamhan a fhios agam céard ba cor dó uaidh sin amach. Níor choinnigh mé aon-amharc air. / Tá an fhairrge ag féithiú ó thuaidh ag Rosamhíl. Tá ruibhéar mór fairrge annsin / Chuaigh bád aeir thart aréir muise, taca an dó dhéag. Ag féithiú soir adtuaidh a bhí sí. Bhí sí faoi throisleáin ar fad / Más lóchrann mótar é sin, is aisteach gur ag féithiú ó dheas atá sé. Sílimse gur léasán eicínt eile é / Níl an saol ag féithiú linn faraor = tá an saol ag dul in ar n-aghaidh; tá an saol ag gabhailt dhá mhaidí orainn; níl ádh ná amhantar orainn / Dar fiadh ní ceart dó a bheith ag gearán chor ar bith. Tá an saol ag féithiú leis go maith. Nach maith an chiall ag daoine é a bhfuil díleághadh ar a gcuid, ní dhá roinnt leo é. Déarfá go mbeadh údar clamhsáin aca sin, agus gan aon-mhaith dóibh ann / Dar príosta dhá mbeadh a chuid ag féithiú cho maith le chuile dhuine agus atá sé leis sin, ní bheadh mórán ag casaoid. Dhá mba lachain a cheannódh sé, rithfidís leis. Is gránna an rud do dhuine mar sin a bheith ag ceasacht. Agróidh Dia air é, tús na Breithe Aige Féin! /[An té nach mbíonn an saol ag féithiú leis, b'fhearr dó gan a láimh a chur idtada, mar nuair a theagas sé (: an léan, an míádh) chor ar bith teagann sé in a dhíle. Feacha an duine bocht sin thíos / Bhí sruth agus gaoth leis go dtí an lá sin, ach ón lá sin anuas, níl an saol ag féithiú leis. Is olc an rud a dhul in aghaidh deá-chomhairle]/.

Fascallach: ainmfhocal, Fireann, Uimhir Iolraidh agus Geiniúnach Uathaidh: fascallaigh.
Fascallach: taoscán de lacht a líonfaí amach i soitheach,
i ngloine, i muigín etc; Téagar maith lachta; braon maith óil.

Scáird sé fascallach amach dó, agus 'ar ndú' mo léan, níor chuir sé siúd
suas dó / Dar príosta ghabhfadh fascallach maith san ngloine
a fuair sé, agus d'ól sé trí cinn aca as cosa i dtaca. Dheamhan
fear eile san teach dhá gcaitheadh an oiread in éindigh nach mbeadh
tomhaiste. Ach dheamhan aithne deóir a bhí air / An olfaidh tú fascallach
bláthaí, ó thárla nach bhfuil sé níos fhearr le tairiscint againn duit /
Thuillfeadh fascallach mór san mbairille sin. A dhá oiread agus a thuillfeadh
san tubán déarfá? /[Tá fascallach sprae thuas san mbairille
agam, agus ní fuláir dom a chur amach inniu, agus gan lá eile a bheárnú
leis. Diabhal mé go bhfuil na daoine meata ag an sprae
céanna nuair nach bhfuil an aimsir ag teacht cóiriúil lena aghaidh]/

Fachnaoid: Ainm Bhriathar, Buineann; Geiniúnach Uathaidh: na fachnaoide
Fachnaoid: magadh; fonóid; spóirt; spraoi; séideadh faoi; mí-chéad.

Bhí sé ag fachnaoid leis = ag déanamh spóirte nó spraoi leis; ag macnas
leis [ach is minice adeirtear faoi mhagadh agus faoi chúrsaí cainnte amháin
é] / D'fhiafruigh mé féin le fachnaoid dó (dhe) cé mhéad a bheadh
ar an ngamhain. "Más de ghrádh magaidh a tháinig tú annseo",
adeir sé, "b'fhearr dhuit t'aghaidh a thabhairt in áit eicínt eile,
agus gan caidéis ar bith a chur ormsa ná ar mo ghamhain" /[Chuir
mé mo láimh in mo phóca le fachnaoid, mar dhóigh dhe go raibh an-
mhisneach agam, ach deirimse leatsa, go raibh mé ag téigheamh,
mar nach raibh a fhios agam, cén nóimead a gcuirfeadh sé an
chloch báiteach in mo bhaithis = le mí-chéad, le neamhshuim]/ Siúd
é nach mbeidh mórán fachnaoide aige leat, ach má tá an
rud ag dul duit é a thabhairt duit, agus mara bhfuil beagán
omóis a thabhairt duit / M'anam muise gur beag an acmhuinn
atá aige ar an bhfachnaoid bheag sin chor ar bith / Nach ag fonóid
agus ag fachnaoid faoi dhaoine a chaitheas sé a shaol. Ach diabhal
dochar ann ach an méid sin nathaíochta. Duine an-oibliogáid-
each é /.

Franncuithe = Aidiacht-Bhriathar = coilgneach, madrúil, olc, taghdach.

Duine franncuithe é M. Ní mórán magaidh ar bith is féidir a dhéanamh faoi nuair a bhéas sé eirithe suas in a choileachín agad / Níl sé leath cho franncuithe muise leis an athair dhá fhranncuithe dhá bhfuil sé. Sháruigh an t-athair loirgne dóite, sháruigh sin /[Tá sé cho franncuithe leis an diabhal le tada a iarraidh air, ná araoid ar bith a chur air. Dar fiadh ní dochtúr é l'aghaidh na háite. Bhídís tíriúil go leór roimhe seo, ach ná bac leo anois]/ Sé a d'eirigh go franncuithe chugam! Throidfeadh an geospailín siúd ingne a chos. Is furasta a aithinte air é freisin. Bíonn sé cho gruamánta le duine i gcomhnaí / Cár eirigh an t-ól leis aréir meastú? Go deimhin, níl aon-ghnatha d'aon-ól aige, ná ag fear ar bith atá cho franncuithe leis. Tá marú duine air, ar an dá luath agus a mbeidh braon caite aige /.

Failm: Ainmfhocal, Buineann; Geiniúnach Uathaidh: failme; Uimhir Iolraidh: failmeachaí
Failm: (i) deoch fhada, sumóg, fascallach nó taoscán a ól; (ii) buille téagarach; iarraidh; pléasc; leadóg, clabhta nó cic.

D'ól muid failm as an tsearróig. Má d'ól féin ba dona a chuaigh sé do chuid againn / Chaith muid an oíche ag ól failmeachaí den phoitín. Choinnigh sé in ar ndúiseacht muid. Bhí mé féin in mo dhall dúda le codladh / Tabhair dhom failm den uisce sin. Níl a fhios agam faoi mo ríghe céard a chuir an tart orm, ach d'ólfainn Loch Éirne anois / D'ól mé cupla failm den bhláthach úr sin ar ball, ach má d'ól féin sén chaoi a bhfuil sí ag borradh liom, agus ag séideadh tairt orm. Ní bhainfeadh an saol an goirteamas as na runnachaí saillte sin, ná diabhal baint / Buail failm ar an "mbáll". Furú! A dhuine! Cén chiall nachar thug tú failm maith di? / Níl aonduine indon failm a thabhairt do liathróid ach J. Tá sé indon a cur isteach ó na clocha siúd amuigh go dtí binn an "ailí". / Chuala mé go bhfuair mac Ch. failm eicínt annseo soir lá an aonaigh. Tuilleadh diabhail aige! Is maith a bhí sin tuillte aige ag imeacht ag glaomaireacht 'chuile áit / Bhuail sé d'fhailm de dhorna ar pholl na cluaise é agus chuir sé an sruthán fola go talamh leis. Diabhal a leithide d'iarraidh! /

Frapa, Frapáil: Ainmfhocal Fireann; Briathar (: prop Béarla)

Frapa: maide nó cúnamh a chuirfí faoi rata fabhtach, faoi theach, faoi bhalla, faoi chruaich, faoi choca etc. len a choinneál suas; é a fhrapáil: maidí nó cúnamh den tsórt sin a chur faoi; borradh le duine nó cuidiú a thabhairt dó in a chall. "Gan frapa gan taca": Fc. na somplaí fút thíos.

Cuireadh sé frapaí faoin teach siúd nó is gearr go mbeidh sé anuas in a mhullach. Níl rata ná taobhán ag gabhail leis nach bhfuil dearg-lofa / Tá frapa fós faoin séipéal. Is cosúil nach bhfuil aon-chaoi air / Cuir frapa faoin gcoca féir sin amuigh, nó tiocfaidh sé indiaidh a leathtaoibhe. Tá leathmhaing soir air / Frapálfaidh muid an bhinn seo ar ball, ach a bhfagha muid maidí /[Is gearr nach mór frapa a chur faoi Mh. T. Mhac C. Tá sé tuithe anuas indiaidh a leathtaoibhe ar fad. / Tá sé caite amach indiaidh a mhullaigh. Mara dteighe frapa faoi is gearr go dtuite sé]/ Bhí sé ingéarchall an uair sin marach gur chuir an dreáthair frapa faoi = marach gur chuidigh sé leis; thug sé riar a cháis faoi láthair dó / Ní raibh bráigíll ar bith air sin cupla bliain ó shoin, ach tá sé frapáilte ag na deirbhshiúrachaí anois]/ Is gearr air an cúnamh beag sin a thug an mac dó. Ceo ar bith ach gur frapa é. Coinneóidh sé suas ar ala na huaire é, go sroiche tuille cabhair é, ach sin é an méid / Bhí an Loideánach leighe faoi, ach diabhal asna don aisiléirín seo thíos nach bhfáisceann frapa eile faoi, agus nach saghdann é aríst = nuair a bhí an Loideánach claonta as an achrann, shaghd an fear eile é aríst / [Bhí an Rúiseach réidh marach gur cuireadh an frapa sin faoi = marach go ndeachaidh Sasana agus Meiriocá do chúnamh dó / Is fadó ariamh nach mbeadh "druid" aige sin, marach a bhfuil de fhrapaí ag dul faoi. Ní túisce suaimnithe é, ná a thosós ceann an réitigh seo thoir aríst ag borradh leis. Is maith an fáth: tá sé dhá choinneál saghdha in éadan na Micilíní, mar tá an ghráin aige féin orra, ach ní leigfeadh an faitíos dó drannadh leo in a dheidh sin, marach an "bulaí" mór]/ Bhí an scéal fuaruithe agus an troid thart nuair a thosaigh P. ag cur frapaí faoi aríst. Níor mhinic leis an réiteach a bheith san áit a mbeadh an ceann céanna, arsa tusa / Dúirt mé amach gan frapa gan taca leis é = gan fiacail a chur ann; dúirt mé leis a raibh fúm a rádh gan fuacht gan faitíos; níor choinnigh mé tada siar; ná ní raibh

mé ag baint fóideógaí ag an scéal ach a rádh lom díreach / Dhá mbeadh sé siúd ag caint le S. Ph. Mh. ar chuma ar bith, sé a d'innseódh dhó cé hé féin, gan frapa gan taca = ní spárálfadh sé é faoin bhfírinne a rádh leis /[Dúirt sé suas len a bhéal é gan frapa gan taca. Dheamhan lascainí muise a thug sé don tsagart ach an oiread agus dhá mba fear den bhaile é = he said it bluntly / Ní maith liom cor an fhocail a chur ar an scéal, ná áibhéil ná bréag a dhéanamh. Sin é agad anois é gan frapa gan taca mar a chuala mé féin é / Thug sé "murdaróir" air. M'anam go dtug gan frapa gan taca, ach mar atá mise dhá rádh leatsa anois]/ M'anam dhá gcastaí liomsa é go n-innseóinn amach dó gan frapa gan taca gurb eisean a ghoid mo chuid móna. 'Deile cé a ghoid í: an sconnachán bradach / Dúirt an dochtúr leis gan frapa gan taca go raibh a sheal tugha. Nach raibh sé cho maith dhó? Cén mhaith an fhírinne a cheilt ar dhuine nuair nach bhfuil indán bisigh dhó? /[Nach mb'fhearr dó an rud a innseacht amach gan frapa gan taca ó a bhí sé roimhe, ná a bheith ag dul anonn agus anall leis mar siúd?]/

Fáill (fāʟʼ) = ainmfhocal buineann (ach bíonn sé corr uair fireann: an fáill)
Fáill (: a fada i gcomhnaí) = faill; leigean, deis, seang, "opening", dóigh.

Má fhaghann sé siúd fáill tiocfaidh sé isteach. / Ag iarraidh fáille atá sé go n-ionnsuighe sé iad / Níor ghoin mh'aire mise in am. Dhá ngoineadh ní bhfuigheadh sé an fháill sin. Ach ní bhíonn aon-mhaith san seanchas agus an anachain déanta /[Ní bhfuair tú an fáill orra len a dtógáil.
Dhá dtapuightheá iad an chéad-uair, agus ceann nó dhó a bhaint asta, bhí an báire leat. M'anam go raibh: sé pháin mhóra mhillteacha ann / An bhfuair an madadh sin fáill ar bith ar an sionnach? Cheapfainn dhá bhfaigheadh nar stró ar bith dhó caochláimhe a dhéanamh dhó, nó tá sé féin agus a chosúlacht in aghaidh a chéile / Breá ar thug sib an fháill dó? Is bocht nach dtóigfí sib! Nach bhfuil a fhios agaibh go mbíonn sé siúd i gcomhnaí ag faire ar an teach ósta sin, agus súil gabha indiaidh táirne aige, fea'int (: feáchaint) a bhfeicfeadh sé tada ag corraí]/ Fáill ar bith a gheobhfas sé tá sé in a éadan. Is dona an buachaill óg é mara bhfuil aige ach a bheith ag saimhseáil le sean-fhear. Is maith dhuit an fháill a fháil a mhic ó. Tá agad gan do leas a leigean ar cáirde anois. Déarfadh S. gan leigean don ghoradh téachtadh, agus is fear é a mbíonn breithiúnas mór in a cuid cainnte /.

Fámhall: Fáfall: Fátall: Fálta: Ainmfhocla: fireann

Fámhall etc. = (i) aithdeal; lagann, claochmhú. (ii) fascadh faoi chlaidheachaí faoi thomachaí nó eile [ní dóigh go bhfuil baint ar bith ag "fámhall" le "fátall" ó cheart ach ó atá siad meascha in áiteachaí (cuid de Chois Fharraige, ag daoine), tá mé ag tabhairt an dá fhocal in éindigh annseo. Deirtear "fámhall" agus "fáfall". Is annamh adeirtear "fálta", ach tá sé ag daoine. Tá "fátall" freisin an-tréan i leabaidh "fáiteall" san gcaint. Fc. fáiteall]

Má fhaghann siad (gliomadóirí) fáfall ar bith gabhfaidh siad amach. Dar príosta muise is deacair dóibh an droch-chreatalach seo a bharraíocht = lagann san ngaoith; é ag leigean faoi / Ní dhéanfaidh sé aon-fhámhall anois ach oiread. Tá an ghaoth ag cothú an-mhór san mbun sin / Shílfeá go bhfuil fáfall triomaigh aige. Tá sé in am sin aige. Shíl mé nach ndéanfadh sé aon-aithdeal inniu /[B'fhéidir dó fámhall beag a thabhairt uaidh anois. Ba síorraí an lá báistí é, míle buíochas le Dia / Má fheiceann siad fáfaillín ar bith aige, tá siad sin indon a dul 'un farraige. Dar fia féachann sé iad scaití freisin. Bhí curach annsin thiar aréir agus cuireadh go dtí snaidhm na stothaí í. Ba diabhaltaí an phuicneáil a fuair sí]/ Chuaigh mé amach ar an bhfámhall siúd ach má chuaigh ba ghearr go mb'éigin dom a thiacht isteach arís. Ní lá garraí a bhí ann / Ní raibh aon-fhámhall aice ach an claidhe = fascadh / Tá muid caillte amuigh ar an gcriathrach siúd agus gan d'fhámhall againn ann ach bruach portaigh. Chaillfeadh sé na fiacha dubha, chaillfeadh sin / Is olc an fámhall atá annsiúd muise ar aimsir den tsórt seo. Dheamh-an tada ach na sean-mhótaí siúd. Áit an-sceirdiúil é / Tá fátall triomaigh aige = déarfaí fámhall annseo cho maith, agus bheadh an dá leagan air amanntaí ag an duine céanna. Is amhlaidh é freisin lena somplaí eile seo síos / Ní raibh fátall ar bith againn (fálta) = fascadh / Chreidim gur faoin gclaidhe a bhí siad ar fátall ó mhaidin [ní abróchaí "fámhall" annseo] / Tá fátall [nó fámhall] fascaidh againn annseo. / Bhí fátall beag againn san áit a raibh muid, agus níor mhaith linn corraí as / Shílfeá go bhfuil fátall beag aige faoi dheireadh. B'fhéidir go nglanfadh an lá anois = aithdeal / Sin í a mbráid i gcomhnaí: lúibinn an sconnsa. D'eireódh dóibh. Bíonn fátall annsin aca. / Déanfaidh sé fátall anois = aithdeal /.

Frogh: Fraigh: Ainmfhocal Buineann; Uimhir Iolraidh: Fraghacha(í)
[Frogh go hiondúil frö mar "log". Ach frəi mar "laghad" in áiteachaí
(Árainn). frəi i gcomhnaí i "fraighfhliuchas". frɛ̄xī: frɛ̄xhī:
frɛ̄xhə: frɛ̄xə san iolraidh (fraghachaí)]
Frogh: Fraigh: balla tí; an taobh-bhalla, nó an balla éadain, barr an
bhalla i gcomhgar an dín agus an bhalla; aill ar bhinnsceirde na farraige
nó amanntaí in áit ar bith; taobh cruach mhóna, bruach portaigh,
éadan cárnán meangals nó cárnán cloch etc; sceach, driseachaí
eibheann, caonach a bheadh ar éadan balla nó aille; "le balla"
nó taobh istigh i leabaidh mar mhalrait don cholbh; siad na
fraghachaí taobháin agus rataí an tí go háirid an boimbéal agus na maidí treasna /

Tá sé déanta (balla) ó fhuth go frogh (fc. futh) / Tá sé go frogh
aige = balla tí / Cuirfidh seachtain eile go frogh é. Má bhíonn an
uair cóiriúil l'aghaidh saoirsinne tiúrfaidh sé cúnamh maith air ar
chaoi ar bith /[Níl aon-bhaol air a bheith go frogh fós leis an mballa,
an bhfuil? M'anam nach gan easonóir balla a dhéanamh / Cuirfidh
cupla cúrsa eile go frogh é. Ní bheadh stró ar bith orainn ach nach
bhfuil aon-chloch cuir againn / Beidh sneachta go frogh amáireach.
Go deimhin is furasta a aithinte air é. Tá sé ag tolgadh le seachtain.
Bhainfeadh scráib an fuacht as an uair / Arú anuiridh a chaith sé
an sneachta. Bhí sé go frogh]/ Dar Dia bhuailfeadh an scrománach
siúd a cheann thuas ar fhrogh an bhalla. Ba bheag an stró air é /
"An t-aer dearg thoir sneachta go frogh" = tuar sneachta /
Chroch mé san bhfraigh (frəi) í (speal). Bainfidh mé bliain eile
aisti más beó buan na daoine /[Céard é sin thuas san
bhfraigh? An glionnda é? / An ngabhfaidh tú le frogh (le balla). Nó
b'fhéidir go mb'fhearr leat ar colbh. Tá an dá chrann ar do
bhois anois. Déan do rogha rud / Bhí mé féin le frogh, agus marar
shaothruigh mise an oíche ag an mbeirt a bhí taobh thíos díom
(san leabaidh) castar liom é]/ "Scraiste i lár leabthan agus cúl
carrach le frogh" = "scraiste i lár leabthan agus bogán le balla" /
Scaoil sé le frogh é = de bharr aille san bhfarraige / Chuaigh sé
ro-cheacharach ar bharr na haille agus thuit sé le frogh / Tabhair síos
aríst é agus scaoil amach le frogh é. Ní éadáil ar bith é, ní hea sin /

Bhí mé caite amach annsiúd le frogh ach dhá mbeinn ann go deo, ní bhfuighinn aon-phriocadh ná cuid de phriocadh. Níl aon-ádh éisc orm cheapfainn / Tá frogh bhreá ar an gcruach mhóna sin: gníomh breá /[Tá an fhrogh (frogh na cruaiche) scarha. Is diabhlaí nach mbeitheá indon gníomh a chur thairis sin / Tá frogh an phortaigh siúd seacht dtroighthe. Nach bhfuil cúig báirr bainte ann? / Seas istigh in aghaidh frogh an phortaigh nó go bhfeice mé cá'id suas leat a ghabhfas sé / Níl aon-fhrogh den rath air (cárnán meangals). Tuitfidh sé / Tá frogh mhór de sean-chaonach ar an mballa siúd. Tá sé foirghe ar fad / Ní fhéadfá a dhul isteach go dtí béal na brocaí dhá bhfaightheá Éire bronnta ort. Tá frogh dhriseachaí ar an aill, agus níor mhór dhuit seachtain dhá mbaint di. Nach maith a bhí a fhios aige (sionnach) cá ngabhfadh sé "ar fascadh" /[Deir siad má fhásann frogh eibhinn ar bhalla tí go réabann sé an balla ó chéile leis an aimsir / An bhfeiceann tú an chloich mhóir sin thoir a bhfuil frogh eibhinn uirre? Deir siad go raibh teach nó bothán eicínt ag sagart fúithe sin san drochshaol / Leagfaidh tú fraghachaí an tí, má bhíonn tú i bhfad eile ar siúl]/ Bhí an dóiteán déanta suas le na fraghachaí nuair a tháinig siad isteach, ach ní raibh sé san díon / Bhuailfeadh sé a cheann thuas ar na fraghachaí. Ní fhaca mé aon-fhathach ariamh mar é, bail ó Dhia air / Bhain sé dhó a sheaicéad agus chaith sé suas san fraghachaí é, agus d'iarr sé fear ar bith san teach amach (: ag troid) / Feicim dhá racán thuas sna fraghachaí san teach seo thíos / Tá líonta crochta sna fraghachaí ann / Chuaigh sí sna fraghachaí = (i) bean a ghabhfadh chun drabhláis, nó a d'imeódh le fán. (ii) duine a dtiocfadh cuthach nó báiní air; taghd /[Chuaigh sí sna fraghachaí annsin. Bhuail sí síos Gaillimh agus d'imigh sí le máir-néalach, agus níor tháinig leitir ná scuan uaithe uaidh sin suas / Meastú nach bean í sin atá gaibhte sna fraghachaí. Marach gurb ea, ba bheag an baol uirre a dhul ag tabhairt chomhlódair don sean-druinnín -each sin atá a trí haois]/ Sin é an chaoi a bhfuil an t-aos óg atá ann anois: imithe sna fraghachaí. Níl smacht athar ná mathar orra / Chomh luath agus a caintíodh ar an áit thoir chuaigh sé sna fraghachaí. Shílfeá a a mhic ó go leagfadh sé an teach go talamh. Siúd é an diabhal atá

drochmhúinte. / Gabhfaidh sé sna fraghachaí. Is fhearr dhuit gan treas ar bith a chur air. B'fhéidir gur thú a mharú a dhéanfadh sé. Siúd é úll na haithne /[Má theagann S. sna fraghachaí dar m'anam duit go mbeidh scéal agad air. Níl duine ar bith beó is preabaí ná é. Speirfeadh sé thú cho héascaidh agus a bhreathnódh sé ort. Mo chomhairle dhuit: ná bac leis]/

Fraighfhliuchas: Ainmfhocal; Fireann (fc. frogh, fraigh)
Fraighfhliuchas: Taisfhliuchán i mbróga, in éadach, imballaí, idtithe; drúcht beag ceobháistí; caifearnach bheag bhaistí; mionfhliuchán.

Tá fraighfhliuchas beag in mo bhróga. Nach dona iad, agus gan iad ach mí ceannuithe, agus mo cheithre leóta puint a leagan amach orra! / Is gearr nach mbeidh díon deóir ionta, agus iad ag déanamh an méid sin féin fraighfhliuchais cheana. Ara tá an leathar atá ann anois dearg-lofa. Ní fiú do sheacht mallacht é, agus tá mé ag ceapadh nach taise don ghréasaíocht é / Th'éis gur buaileadh istigh agus amuigh le muirtéal í, tá fraighfliuchas inte in a dheidh sin. 'Ar ndú' níl aon-ghnatha ag "baitseachaín" ag déanamh seideannaí, ná croithe /['Bhfuil fraighfhliuchas ar bith san teach nua agaibh. Is beag de na tithe "concrete" sin nach mbíonn tais muis. Do cheannfinne ní choinneódh tirm iad / Ba bheag an brádáinín a bhí ann agus dar fia bhí friaghfhliuchas in mo chuid éadaigh in a dheidh sin. B'éigin dom a mbaint dhíom. 'Ar ndú' ní shraimleódh rud ar bith thú cho mór le brádán]/ Ní dhearna sé brí báistí aréir. Rinne sé fraighfhliuchas beag / Ní fheicfeá drúcht ar bith anois mar bhíodh fadó ann. Dheamhan blas ach fraighfhliuch -as beag / Ní chuirim allas ar bith. Is minic a bhíos saothar ionam ach dhá mbeadh an fiach dubh ag cur a theanga amach, ní chuirfinn ach fraighfhliuchas beag. Donacht chreidim. Ní mar sin a bhínn fadó /

Formhás (: forəwās) = Ainmfhocal; Fireann = ceachardha; i mbaol tuitim, sciorrha, tabhairt uaidh; rud a bheith leagha ar chorr rud eicínt i gcruth agus go mbeadh contúirt tuitim air; suaite, callóideach, corruithe, saghdha etc.

Ná leag an ceaintín sin ar formhás mar sin nó is gearr go dtuite

sé = ceaintín leagha ar chiúis boird. Corraí ar bith dhá dtiúrfaí don bhord, bheadh an ceaintín anuas / Tá tú ar formhás ar an stól sin. Deasuighidh isteach agus leigidh binn aige. = duine a bhí in a shuí ceacardha ar chorr stóil /[Nach diabhaltaí an smál a bhíos ort i gcomhnaí gur ar formhás ar an stóilín corrach sin a leagas tú an buicéad uisce. Nach bhfuil a fhios agad go gcaithfidh sé dóirteadh mar sin / Tá formhás ar an móin sin amuigh ar an gclaidhe. Má bhaintear fód ar bith aisti, tuitfidh brúisc di amach]/ Bhí formhás ar an gcliabh feamainne ar an gcloich, agus hébrí cén chaoi ar theanguigh an gasúr leis, tuit sé anuas agus síos san locháinín. Spréach Seán / An bhfeiceann tú an gruadhán mór cloiche atá ar formhás annsin thuas ar aill Gh. an T? Nach diabhlaí nachar bhain aonduine aon-chorraí ariamh aisti. Feanc beag ar bith muise, agus chuirfeadh sé anuas ar an mbóithrín í /[Tá dhá bhríce ar formhás san simléar ó oíche an fheothain mhóir. Tuitfidh siad ar dhuine eicínt / Bhí formhás ar an haitín ar a ceann mar sin. B'iontas é go raibh sí indon a chinnireacht agus an farradh a bhí ann. Sin é an faisiún chreidim / Tuitfidh an leabhar sin mara gcrapa tú isteach í. Tá sí ar formhás ar chorr an bhoird]/ Tuitfidh an sean-teach siúd lá ar bith. Tá an balla ar formhás. Feacha an dronn atá amach air / Tá for-mhás ar an gcuid ó dheas den bóthar anois. Caithfidh siad an taobh ó thuaidh a chur cho hárd leis / Is baile ar formhás é an baile seo anois = callóideach, iad féin ag faire ar a chéile, nó go dtosaighe an t-achrann; bís achrainn orra / Tá an baile seo thiar ina theine bhruite. Ceann thuas an bhaile in árachaí a chéile aríst. Níor chuir C. a láimh ann fós, ach tá sé annsiúd ar formhás = is dóigh dhó fhéin a bheith san achrann puinnte ar bith / Saol ar formhás anois é / Is fadó na "Patcheannaí" ar formhás, ach ní raibh aonduine ag tabhairt aon-tsiocair dóibh. TSiocair ar bith muise, agus bheadh an bualadh déanta aca fadó /[Tá an teach seo thíos ar formhás. Níl an tsean-lánúin ná an lánúin óg ag teacht le chéile ro-mhaith. Níor buaileadh aon-bhuille fós, ach rómhab (rompa) amach atá]/ Bhí mé ar formhás i gcaitheamh na hoíche aige. Ní raibh a

cé mb'fhearr dhom fanacht mar a bhí mé nó imeacht dhá chuartú
= piaclach; in imní; i bpiolóid; in suspense, agitation / Bhí
mé ar formhás ceart agus gan a fhios agam cén nóiméad a maróchaí
é /

Fleasc: Ainmfhocal; Buineann. Níor chuala mé claochló tuisil air.
Fleasc = (i) focal as sean-scéal. (ii) fáinne no cáimín ar
mhaide láimhe. (iii) mionnóigín bheag adhmaid; "sleagh", screab de thubán, sceabha
feamainne agus rl. (iv) seachmall, ciméar, mearúl, dallach dubh. (v) Caiseal
adhmaid nó feire roth an túirne.

"Bhí fleasc airgid i gcúl a cinn, agus fleasc óir in a baithis", nó "bhí
fleasc óir i gcúl a chinn" = leagan iondúil sna seanscéalta
faoi bhean uasal nó faoi ghaiscíoch. Is cosúil go mba cineál eicínt
seóide nó ornáide a bhí inte / Tá fleasc an roth briste san túirne
= an fonnsa adhmaid taobh amuigh, an caiseall /[Tá chuile fhear indon
na spócaí a dhéanamh ach níor mhór deileadóir leis an bhfleasc a
dhéanamh / Tá túirne annsin thuas agus í slán cés móite de fhleasc an
roth. Ach cé measa beirhe é, arsa tusa. Dhá mbeadh duine eicínt
ann a bheadh indon fleasc a dhéanamh, d'fhéadfadh duine de na mná
seo a dhul ag sníomhachán lom láithreach. Chreidim dheamhan ceo a
rinneadh léithe le dhá bhliain déag cheana]/ Bhuail sé fleasc an mhaide
ar an tsúil air = fáinne ar mhaide láimhe / Má fhaghann tú
fleasc an mhaide uaidh siúd cuirfidh sé luighe fiadh ort,
agus sé atá tú a thuaradh dhuit féin. Breá nach leigeann tú dhó? /
[Chuaigh fleasc faoi mo mhéir agus mé ag plé le tubán an oíche cheana,
agus dheamhan tionuar a chodail mé ó shoin aige = mionnóg bheag
adhmaid a d'eirigh den tubán agus a chuaigh faoin ionga]/ Tá an cat
mara ar an bhfeamainn lofa siúd le fleascannaí. Dheamhan ionga
ag gabhail liom slán aice = giotaí beaga den fheamainn a
ghabhfadh faoi do mhéarachaí / Dhá mbuailtí do mhéir faoi thubán
screabach (scrabach) — tubán a mbeadh scrabannaí ag imeacht dó —
agus fleasc a dhul faoin ionga, thiocfadh cor faoi iongan ort. Sin é
an uair a shaothróchthá an saol. Bheadh méir bhocht agad. Deirimse

leat gur hiomdha oíche a bheitheá ar neamhchodladh aice /[Dhá mbeitheá
ag snuigheachan adhmaid le tál nó le tuaigh, agus fleasc a dhul
faoi t'ionga níl rud ar bith faoin domhan is tinne ná é / Tá do
chuid agad anois, má chuaigh fleasc dhó sin faoi do mhéir.]/
Fleasc a rinne an bhró sin de mo mhéir. "Sleagh" raithní a
chuaigh fúithe an lá faoi dheireadh nuair a bhí mé ag déanamh
na cruaiche annsin thoir. Nuair a bhíos an raithneach sin
críon is géire í ná snáthaid / Dhá mbeadh fleascannaí ag
eirí de do chois le buille! = dhá dtugadh duine eicínt buille
dhuit agus an craiceann agus an fheoil a bheith ag eirí de do chois
mar a bheadh píosaí adhmaid ann /[Chuir mise fleascannaí ag
eirí dhá dhruim (: asal) le maide! Nar chuire Dia an t-ádh
ná an t-amhantar air, le áit a dhul i mbradaíl: isteach
san síol féir / Bhí fleascannaí dhá bhaint as na másaí
aniar aige le bata. Deirimse leatsa nach hé an chéad fhear
aríst é a thaobhós S. Th. = rúscadh é]/ Tá fleasc eicínt ar
Sh. le gairid = seachmall, súnás, seafóid eicínt. Ní bheadh sé
in a shaochan céille, ach b'fhéidir go ngabhfadh sé chun saochan
céille air leis an aimsir, mara n-imíodh sé dhe / Tá fleasc
eicínt air seo thíos le seachtain. Briste amach leis an gcailín
atá sé. M'anam gur chuala mé go raibh an brachán dóirthe /
[Cén sórt fleasc atá ort: ag imeacht ag fánaíocht mar sin. Dar fiadh
muise, beidh luach do chuid fánaíochta agad ar ball, nuair nach mbeidh
fód móna ag gabhail leat, le díol ná le dóghadh]/ Cén míádh
atá air go bhfuil fleasc mar sin dhá bhualadh? An pleoitín! /

Foghail: Ainmfhocal, Buineann; Geiniúnach Uathaidh: na foghla; na foghlach: Iolraidh: foghaileanna
Foghail: dochar, millteanas, damáiste go háirid de bharr bradaíl beitheach; mísc
donacht; faltanas; caitheamh, ídiú, ithe, obair, saothar, iarracht.
Foghlú: Briathar as foghail = millteanas, damáiste, mísc a dhéanamh

Tá foghail déanta ag na beithigh sna goirt sin síos. Tá garraí coirce Mh.
millte ar fad / Is mór an fhoghail atá beitheach indon a dhéanamh leis an
sracadh thar claidhe féin. An bhfeiceann tú an gort eorna sin thiar

ag mac Sh. Tá a bhfuil aníos le claidhe ann ó rath /[Sí an bhó is bradaí
í dhá bhfaca mé ariamh. Níl a fhios cén fhoghail atá déanta aice
ar fud an bhaile ingarrantaí goirt ó a ceannaíodh í. / Fadó
dhá ndéanadh beitheach foghail thiúrfaí amach an measadóir
leis an bhfoghail a mheas, agus an méid a mheasfadh sé in a hómós
chaithfeadh fear na foghla a íoc]/ "Fál ar an ngort indiaidh
na foghlach" = "sé fálú an ghoirt (an gháirdín) é th'éis na
foghla" = an rud ba chóir duit a dhéanamh roimhré, é a
dhéanamh nuair a bheadh an millteanas déanta /[Ní
thiúrfadh sé aon-fhód móna don fhear chneasta féin anois gan a
híoc ar an táirne, ó d'imigh an fear siúd len a chuid airgid. Sé
fálú an ghoirt é th'éis na foghlach. Ní dhearna sé é in am é /
Níl sé ag dul ag cuartaíocht chor ar bith anois ann, ó heiríodh
roimhe ag tiacht abhaile as. Fál ar an ngort th'éis na foghla.
Ní bhfuighidh sé aon-fhios go deó cé a d'eirigh roimhe]/ "Bíodh cluais
bhodhar ag fear na foghla" = "Cluas bhodhar ag fear na foghla"
= is mór adéarfar leis, agus a chaithfeas sé a leigean thairis, má
bhíonn an millteanas déanta aige féin ná ag a chuid beithioch /
D'ith sí agus liobair sí mé, ach níor dhúirt mé fhéin tada.
Cluais bhodhar ag fear na foghla 'ar ndú'! /[Céard a d'fhéadfainn
a rádh? Nach raibh a iothlainn ar fad millte aca. Sé an rud
is lú d'fhear na foghla cluais bhodhar a bheith aige]/ Níl foghail
ar bith is measa ná foghail chorráin = an t-arúr a bhaint
glas / Tá sé cho hantlásach agus nach bhfuil breith aige ar
thada nó go mbeidh sé déanta de rith agus de léim aige. Déanann
sé foghail chorráin chuile bhliain, agus deir siad nach bhfuil foghail
ar bith a chinnfeadh uirre / Rinne an sionnach foghail annseo
soir inné = cearca a mharú /[Tá foghail dhá dhéanamh ag an
spailpín atá aige ar chaoi ar bith. Dheamhan ceann ar bith de na
fataí nach bhfuil sceannta aige]/ Tá foghail speile déanta ag an
spealadóir mór seo thoir. Dheamhan a bhfuil sé ach ag sceadadh an
fhéir. Dhá bhfeictheá na cuislíochaí atá san móinéar aige. Caithfidh
sé a dhul air siúd aríst len a chorrán. / Tá foghail déanta aca
inniu thar agus ariamh. Dheamhan sop feamainne fágha ag

neach an aoin ar an mbaile, ach í crapha aca dóibh fhéin. / Théis go bhfuil a bhean fhéin aige, níl sé sásta gan foghail a dhéanamh ar mhná eile / Tá foghail déanta aige sin ag fágáil na tíre dhó: triúr gearrchaileadha ó chrích aige / Théis nach raibh focal cainte fágha ag Colm, bhí J. dhá saghdadh le gleáradh eile a bhualadh air. Bhí an fhoghail in J., go ndéanaidh Dia grásta air = olc, faltanas, mísc /[Fan glan air sin. Is duine é sin a bhfuil foghail (: olc) ann, ach cá bhfágfadh sé í? / Is beag é foghail duine ar an ngarraí siúd = is gearr a rachas saothar duine aonraic air; níor mór beirt nó triúr le éadan a chur air / Tá an oiread fataí le baint agam ar chaoi ar bith agus gur beag é foghail duine orra. Tá cion cheithre pholl mhaith eile le baint agam]/ Is gearr é m'fhoghail-sa ar an bportach siúd = níl mé indon brí a dhéanamh le hais mar tá le déanamh / Tá dhá ghort coirce le baint agam ach is beag é foghail duine dona mar mise orra. Fear óg luath láidir mar thusa bail ó Dhia ort nar mhór dom do chúnamh dhom / Is gearr é foghail mná ar an tráigh fheamainne siúd = níl bean indon mórán den fheamainn a bhaint ar ghualainn a bhfuil le baint /[Ba bheag é a fhoghail sin ar na fataí. 'Ar ndú' ní indon fataí a ghortghlanadh atá sé sin / Tá an obair ag dul thar m'fhoghail = níl mé indon freastal di ar fad; tá go leor di nach bhfuil aon-ghoir agam a dhéanamh / M'anam agus ná raibh ag an diabhal go ngabhfaidh an cúilín gágach seo thar m'fhoghail. Cinnfidh orm a bhaint choichín mara bhfuil ag Dia]/ Ba bheag í m'fhoghail-sa feasta coichín ar scramaire mar é sin. Mharódh sé sin triúr de mo leithide = ní bheadh aon-ghoir agam air ag troid / A dhuinín dhona ba bheag í t' fhoghail ar T. Mór an reacht ab fhearr a raibh tú de do shaol, ní áirím anois / Nach beag an fhoghail a rinne tú = duine nach n-íosfadh ach teirgéis /[Seo riu! Níl foghail ar bith déanta agad fós. Ná déan droch-einneach ort féin. Ní taobh leis an méid a fheiceas tú in do mhiainis (fhiainis) atá muid míle buíochas le Dia]/ Rinne sé sin foghail, a dhuine sin. Bhí an chiseóg

(fhataí) feidhearha go maith nuair a bhí sé réidh léithe / Is beag é m'fhoghail-sa ar bhiadh ná ar bheatha. D'íosfadh dreóilín an oiread liom, ní ag ceasacht ar Dhia é / Diabhal claidhe ar aon-gharraí ag gabhail linn ach claidhe a bhéas foghluithe. Dhá bhfaightí am air, níor mhór seachtain a chaitheamh dhá mbiorú = beidh beithigh indon a dhul isteach thar na claidheachaí, agus foghail a dhéanamh sna garrantaí /[Ag iarraidh an garraí sin a fhoghlú atá sí. Meireach gurb ea choinneódh sí a cuid beitheach ar a cuid fhéin thar agus cead scuir a thabhairt dóibh ar bhóithrí. / Bheadh planndaí agamsa marach gur foghluíodh iad. Dar fiadh bhí siad ag fás go breá. Ach chart na cearca atá ag an rúisc sin thoir iad. Níl foghail ar bith is luar liom ná foghail chearc. Is measa í ná an fhoghail chorráin féin]/ Cheannuigh sí cóisir bheitheach, agus níl ceó faoin shaol len ithe aca anois, ach dúrúch orra ar fud an bhaile ag foghlú chuile shórt. Dheamh-an a bhfuighidh sí a cuid fhéin go deó orra, ná cuid d'fháil / Ní raibh aon-ghort istigh ar an mbaile ariamh nach raibh foghluithe ag an dream céanna, hébrí cén fál a bheadh air. Agus dheamhan a dhath sásamh a gheobhfá uatha, ach píosa sciolladh a dhéanamh ort /[Bhí achrann ar an mbaile seo thiar inné. P. a chuaigh ag fuagairt foghla do N. agus d'ionnsuigh N. é. Dar mo choinsias tá a bhfuil d'fhataí ag P. imbarr an bhaile fogh-luithe, millte. Beithigh N. a rinne é. Leag siad an claidhe teorann]/

Folt: Ainmfhocal, fireann = gruaig fhada; muince; fíonnach; glib; claimhreach.

B'fhearr dhuit mé a bhearradh. Tá folt orm. Fásann gruaig an-trom ormsa / Bíonn folt i gcomhnaí air. Chreidim gurb shin í an ghalántacht / Shílfeá nach scaoilfeá suas folt cho trom sin. Tá tú as do shlacht ar fad aice / Ar a bhrollach atá an folt ar chaoi ar bith. Dhéanfadh na cearca nead ann = claimhreach fhíonnaigh /[Shílfeá gur brath atá agad folt a leigean suas bail ó Dhia ort / Ní beitheach fíneailte í siúd. Nach bhfuil folt uirre]/ Tá folt ar an gcapall sin againne faoin a glúine. Ní fhaca mé a leithide de ghlib le fada / Níl liobar foilt ná craicinn air de bharr na ndriseachaí / Níor fhan liobar foilt ná fíonnaigh air. Thuit sé ar fad dó / "Folt gruaige agus go scuabfadh na gleannta fraoigh: sé mo thruagh ghéar nar luadadh liom i gcleamhnas í" = amhrán (Róisín Dubh) /

Fascadh: Ainmfhocal; Fireann; Uimhir Iolraidh fascaí; fascaíochaí

Fascúil = Aidiacht as fascadh.

Fascadh: rud eicínt (claidhe, fhál, sceach, binn thí, ball éadaigh, etc.) a bheith ar do scáth leis an tsín, nó drochrud eicínt mar sin, a choinneál uait; caladh sábhála, tearmann; a bheith slán; caomhúint; rúnmhar; cuibhiúil (faoi rúin agus caint)

"Bhí bratóigín shuarach aniar ar a druim, agus gan fascadh ná díon uirre ón mbáisteach" = as amhrán: "Na Ba Cíora agus Bána" = ní raibh teach ná áras as a cionn = ní raibh teálta ar bith aice / Níl fascadh ar bith annsiúd agaibh = áit le múr a leigean thart etc. / Rinne muid fascadh ann le na ráigeanna deannachtach seo a leigean tharainn = teálta mar a bheadh craobhachaí a chur suas nó a leithide /[Teigheadh muid ar fascadh. Lá san gclaidhe é sílim = a dhul isteach faoi thuim, nó faoi chlaidhe, nó faoi bhalla tí nó a leithide le droch-shíon a leigean thart / Breá nach ndeachaidh sib ar fascadh agus gan a bheith dhá gcailleadh féin / Tá an teach sin ar an bhfascadh = in áit a mbeadh sé ar scáth na síne / An fhad agus atá tú ar an bhfascadh fan ann. Tá an lá an-mhór]/ Níl fascadh ná dídean aige = teach ná áras = [Bíonn teach, cró, seid nó teálta foirginte, i gceist le "dídean" igcomhnaí, ach ní bhíonn igceist le fascadh ach lúibinn claidhe nó sceiche nó a leithide] / Níl aon-áit faoi bhéal an aeir aige anois a bhfuighidh sé fascadh ná dídean ann. Is beag an truaighe é a leig a bhráicín fhéin í léig /[Ní raibh d'fhasc -adh ná de dhídean aige ach lúibinn an chlaidhe ar fea na hoíche]/ Níl fascadh na fionnóige annseo = níl d'fhascadh annseo ach lorg cois na bó ar an gcrangaire (: ar an gcneagaire) = fascadh ar bith; áit lom sceirdiúil / Dheamhan a raibh fascadh na fionnóige aca ann. Is beag an dochar dóibh a bheith cho fuar leis an éag fhéin /[Sheasfadh sé sin ag obair san áit nach mbeadh fascadh na fionnóige]/ Dheamhan ceo ar bith san mbráicín atá aige ach go ndéanfadh sé fascadh ar an ngaoith. Níl díon deoir ann / Tá an fhascadh i gcrainnte, ach go bhfuagraíonn siad gála na hairrí / "Ní airíthear fascadh na tuime nó go mbaintear í" = is fhearr fascadh fánach féin ná a bheith dhá uireasa uiliog; dhá

laghad agus dhá shuaraí an teannadh atá ar do chúl, is fhearr é ná a bheith gan tada /[Deir tú leis an gcailín a d'imigh uaim. Tá mé in mo bhambairne ceart na laetheanntaí seo. Níorbh fhiú trumpa gan teanga í, agus in a dheidh sin féin b'fhearr ann ná as í. Ní airíthear fascadh na tuime nó go mbaintear í, adeir siad /[Nuair a cuireadh isteach san bpríosún é an uair sin faoi dhíol an phlúir, baineadh an pinsean dó. Ba chuma dhó aige ná uaidh é scáth chúig phunt san mbliain, agus in a dheidh sin féin dhá bhfágadh duine bliain gan tarraint é, thiocfadh sé 'un suime.] Ní airíonn duine fascadh na tuime nó go mbaintear í / Bhí fátall fascadh againn = fc. fámhall / Ní raibh ann ach dífhascadh = (fc. dí, díth) / Tá sé ar fascadh in áit eicínt. Is beag an néal ar an mbithiúnach siúd hébrí cá bhfuil sé (: sionnach) = tá sé ar chaladh shábhála imbrocach nó i gcoinicéar eicínt /[Nuair a rinne sé an chreach sin, ghread sé leis ar fascadh = sionnach / M'anam hébrí céard a dhéanfas aonduine go mbeidh S. ar an bhfascadh. Dar mo leabhar dhuit ní eireóidh aon-cheo dhó sin = beidh sé sábháilte; ní thiocfaidh aon-tromachan ná aon-mhilleán air]/ Bhí muid fhéin ar an bhfascadh san gcogadh seo. Leig muid na cathannaí tharainn. / Rinne sé seol fascadh (nó fascadh) = dhá mbeadh duine ag cáthadh arúir lá gaofar níor mhór dhó málaí nó bráithlín nó doras a chur suas ar dhoras na gaoithe (le hais an dorais) le spreacadh na gaoithe a lagann, i riocht agus nach bhfuadódh sí an t-arúr air /[Caithfidh tú seol fascadh a dhéanamh nó ní fhágfaidh an ropadh seo gráinne ariamh agad. Fagh cupla sean-mhála. [Cuireann gasúir a bhíos ag fosaíocht, nó in a suí amuigh, seól fascadh suas freisin scaití]]/ Tá dhá taobh ar bhád: taobh na gaoithe agus taobh an fhascadh. Sé taobh na gaoithe, an bun an bhfuil an ghaoth as ("weather") agus taobh an fhascadh an bun a bhfuil an ghaoth air (lee). Sé taobh an fhascadh de sceich, de theach etc, an taobh atá ar chúla na gaoithe / Tá sé ag tuíodóireacht ar thaobh an fhascadh den teach agus níor mhór dhó fhéin go bhfuil. D'fheannfaí ar an taobh eile inniu é /[Osclaigí doras an fhascadh. 'Ar ndú' phréachfadh an tseóideadh atá isteach annsin sib. Sé doras na gaoithe é / Teigheadh muid ar thaobh an fhascadh den

chlaidhe / Ní sheo é taobh an fhascadh den sceich]/ Beidh sé ar thaobh an fhascadh i gcomhnaí = ar an taobh sábháilte; fanfaidh sé as gach rud a rachadh chun milleáin, nó chun dochair dó / Is fhearr a bheith ar thaobh an fhascadh ná ar aghaidh na doininne ar chaoi ar bith. Déanadh duine cho díreach agus is féidir leis, agus ní baol dó an lá deireadh = fear a bhí ag caint ar na Críocha Déannacha = bíodh anam duine glan / Sé S. a shaghdas 'chuile dhuine, ach is cuma cén troid ná an dlí a bhéas ann, beidh sé fhéin ar thaobh an fhascadh igcomhnaí = ní baol go mbeidh sé roinnpháirteach san troid, ná go dtiúrfar chun cúirte é dhá bharr / Is furasta leis daoine a fháil le dhul ag baint fheamainne agus dhá scaoileadh le gaoith. Má theigheann a mh'anam, beidh seisean ar thaobh an fhascadh. Dheamhan mórán foghail a dhéanfas seisean ar fheamainn = ní dhéanfaidh sé brí oibre, nó má níonn sí an obair is lú sclábhaíocht í. D'fhanfadh sé ar na bráideannaí tirme ag baint na feamainne agus thiúrfadh sé cead don dream eile iad fhéin a fhliuchadh]/ Bíodh sé ar a rogha caoi anois, ach 'leabharsa beidh seisean ar thaobh an fhascadh den scéal / Hébrí cé air a mbeidh an drámh, beidh T. ar thaobh an fhascadh ar chaoi ar bith / [Ní miste leo sin sa diabhal, ó atá siad fhéin ar thaobh an fhascadh cé a shaghdfas siad amach san gcogadh. Ní chaithfidh siadsan a dhul ar aghaidh na bpiléar. / Má tá tú ar thaobh an fhascadh den scéal, fan amhlaidh. Má bhuaileann tú do ladar chor ar bith ann, thusa a bhéas síos leis ar ball. Ní bhíonn duine ar bith buíoch d'fhear an réitigh / Bí ar thaobh an fhascadh de na póilíos ar chuma ar bith. Níl gnatha ar bith agad iad sin a tharraint ort. Acasan a bhéas an iarraidh dheireadh]/ Níl mórán fascadh ionad = caomhúint = níl tú rúnmhar = tá tú béalráidheach, ráiteach nó scéiteach / Shílfeá go mbeadh fascadh ionad thairis sin. An rud nach dtóigfeá as an lathach cuireann tú cosa faoi, agus innsíonn tú don tír é. Ní den chuibhiúlacht a bheith ar an gceird sin /[Is beag fhascadh thú ach an oiread le scéal, a dhul dhá innseacht dó sin. Nachar cuireadh pearúl ort gan caintiú as do bhéal air. Ach is beag an mhaith pearúl a chuir ort. Is fada leat go bhfagha tú rud eicínt len innseacht]/ Fuair tú amach muise an té a mbeadh

fascadh ann. 'Ar ndú' dhá gcuirtheá slat ar pharáiste, ní bhfuightheá fear is cabaí ná é sin / Tuilleadh diabhail aige. Breá nach raibh fascadh ann agus a bhéal a choinneál ar a chéile. Ní scéal rúin é ó a bheidh a fhios ag triúr é. Má bhíonn aon-chás ag duine in a scéal, ná leigeadh sé len a dheasláimh é. Is fada le daoine go bhfagha siad slí chainte /[Sin é fhéin muis an béal gan fascadh, a bhéal sin = an clab gan fascadh = duine a scéitheas gach uile shórt. / M'anam muise má tá a fhios aige sin é, go bhfuil a fhios ag béal gan fascadh é. Tá sé sin ag imeacht mar a bheadh firéad ann, ag smúracht is 'chuile áit, agus níl claibín muilinn ar bith a chinnfeadh air, má fhaghann sé leigean ar scéal]/ Dún do bhéal anois a chlab gan fascadh. Is gann atá an saol ag dul ort, mara bhfuil aon-údar cainte agad ach an méid sin / Tá áit fhascúil aige = áit a bhfuil fascadh ann / Dar príosta is fascúil an bhráid atá aige sin anocht, ní hé m'fhearacht fhéin é / Is duine fascúil é = duine rúnmhar; duine a mbeadh fascadh ann /[Bí fascúil anois, agus ná leig fios do gnatha le aonduine / Tá lúibinn fhascúil faoin sceich annsiúd, dhá mbeadh sé de chiall aige a dhul isteach ann, ach chreidim dheamhan é. Caithfidh mé teálta beag a dhéanamh dhó as seo go ceann cupla lá (: laogh amuigh faoin tsín)]/

Farae: Ainmfhocal, Fireann = féar, tuí, fataí, meangals agus rl. le tabhairt do bheithigh nuair nach mbeadh aon-tiomsacht ar an talamh aca; fodder

Níl aon-ghnatha do bheithigh san ngeimhreadh agad san áit seo, mara mbeidh neart farae agad / Ná bac le seascachaí anois, d'fhuireasa neart farae san ngeimhreadh. Fadó leigeadh muid amach ar an sliabh iad agus cead aca beatha a bhaint as a gcrága, agus diabhal dhá shuaite chlaoite dhá mbeidís, go bhfuightheá imeacht orra. Ach dheamhan mórán áirge beart cnámha (: beithigh caite) a thabhairt chuig aontaigh anois. Mara mbeidh siad cho sleamhain anois agus go sciorrfá dhíob, níl aon-fhiafraí orra / Tá éascaíocht san "Trasher", ach cuireann sí an tuí ó rath. Ní bhíonn maith ar bith innte l'aghaidh farae. Bíonn an tuí scóthbhuailte an-deas an-séimh l'aghaidh farae /

Fáltas: Ainmfhocal Fireann = deis, maoin, bráigill, seilbh
Fáltasach: Aidiacht as fáltas = deisiúil, teann i slí, nó i maoin.

Níl slí ná fáltas aige = cuirtear an dá fhocal le chéile = níl deis airgid aige, ná níl aon-bhráigill air = níl cuid ná maoin aige / Níl slí ná fáltas againn anois, ó stop na cearca (: de bhreith uibheacha) agus ó a d'imigh na beithigh amach. Ba mhór an cúnamh scór uibheachaí fhéin, agus mioscán ime corruair / Ní bheadh slí ná fáltas ó neamh na nGrást ag na daoine marach an teirgéis "dole" sin. /[Feacha an dola atá orainn: naonbhar aca bail ó Dhia agus ó Mhuire orra. Is deacair a dtógáil agus éadach a chur orra, agus gan slí gan fáltas ó Fhlaithis Dé againn / Níl cianóig ar m'fháltas = níl lí léithe agam / Dheamhan "feaig" ar m'fháltas, ná cuid de "feaig". Bhí mé fhéin ag soláthar inniu, agus dheamhan a dheatach a d'eirigh liom = níl tuitín in mo sheilbh / Cheapfainn nach bhfuil aon-tsluasaid ar a fháltas. Cá bhfuigheadh sé í? Is maith an fear sluaiste é: máistir scoile]/ Dheamhan laindéar ná lampa ar u (ar) bhfáltas. Bhí cupla ceann annsin anuiridh, ach tá siad ó mhaith anois / Is fáltasach an cheird atá air anois, maran ag cumadóireacht dom a bhí siad seo síos. Deir siad liom gur ag cruinniú na bhfearb -áin sin atá sé, agus 'chuile uair a mbíonn ualach i dtoll a chéile aige go ndíolann sé istigh inG. iad. Go bhfuil teach annsin len a gcoinneál uaidh. Mara bunscéal é, is cosúil le ceann é! /[M'anam go ndeirim leat gur seifte fáltasach iad na faochain an té a mbeadh ionú aige caith-eamh leo. Ach níor mhór do dhuine cúnamh maith / Tá na tamhnachaí sin fáltasach, th'éis gur suarach an chosúlacht atá orra. Bíonn slí airgid aca in a dheidh sin]/ Ba fáltas-ach iarmhasach an teach a bhí aige tamall, ach ó a casadh an bhean seo ann, bhochtuigh sí é. Is cóir adeir siad gur bean tí shuarach a níos ballaí fuara. Dheamhan tada le cois na slainte ann anois ar chaoi ar bith / Is duit is fusa a bheith fáltasach agus bráigill a bheith ort. Dhá saothruíodh do cheithre cnámha fhéin é, b'fhéidir gurbh fhurasta breith ar thóin ort ach an oiread linn fhéin /

Fáiteall, Fátall: Ainm Bhriathar; Geiniúnach: an fháitealla

[Ach is annamh a thigeas claochlódh tuisil air]

Fáiteall, Fátall: (i) soláthar; cnuasach; conách; creach; saothar.

(ii) díogarnach nó camhaoineach beag solais.

Fáiteallach: Fátallaí; Fáiteallach: ainmfhocal =

soláthraí, saothraí, sclábhaí nó tiomsuitheóir maith.

[Deirtear fáiteall agus fátall, fáiteallach, fátallaí, fátallach,

ach ní abruithear ach fátall le ciall a (ii) thuas]

Is maith atá a fhios aca (: na busannaí) cáil an fátall. Teigheann siad an bóthar ó dheas anois th'éis go bhfuil timpeall mór ann. Ach san taobh sin is mó atá daoine. Ní fhágfaidh siad pínn ar bith ina ndiaidh nó is cinniúint orra é / Is beag an fátall (fáiteall) atá aca inniu. Cupla breaicín beag = conách iascaigh /[Tháinig siad abhaile inné gan fáiteall ar bith. Dhúisigh siad girríochaí na hÉireann ach chinn orra ceann ar bith a bhaint asta / Is suarach an éadáil fátall na farraige anois. Dheamhan breac ann. Tá siad tárluithe leo ag na tróllars. 'Ar ndú d'fheicinnse fadó nuair a theigheadh muid amach ar meath go mba geall le dóirthe a bhíodh sé (iasc) annsin amuigh. Ach níl a shúil anois ann. Daidhean é]/

"Fáiteall na farraige a tharraing as m'áras mé"

[líne as amhrán — Maire Inis Éire) / Níl d'fhátall ann ach an mhóin anois. Dar príosta tá an phínn bhán uirre dhá bhféadadh duine caitheamh léithe / Ar fháiteall na habhann atá a theacht suas. Is diabhlaí atá ag rith leis. Chaith na báirseóirí an bhliain anuiridh ag forcamh-ás air, ach diabhal mé go dtug sé na haobha leis dhá mbuíochas / Ar eirigh fátall ar bith lib? Is olc na fogh -laeraí sib. Is fhearr an láimh atá agam fhéin ar ghunna fós, ná agaibh, th'éis an aois atá agam /[Ní raibh d'fháiteall ariamh sna bólaí seo ach a raibh den fharraige, agus an braoinín poitín sin. Ach tá 'chaon cheann aca anois de dhruim seoil. Níl aon-tairbhe ar an "stil"

ach an oiread agus atá ar an iascach]/ Is iomdha fátall timpeall an bhaile sin thoir ag duine a thapódh a ghnaithe. Dheamhan lá san aer ar chall do dhuine a bheith in a chomhnaí ann /[Bhí lonta dubha ag imeacht ag fátall (fáiteall) annsin amuigh ó mhaidin. Má chuireann sib comhla nó cliabhán éanachaí amach ní bheidh sib gan annlann / Dheamhan greim atá an sireoir de mhadadh sin a fháil thíos aige fhéin. Caithfidh sé a dhul ag fátall in áit eicínt / Caithfidh siad (: beithigh) fátall eicínt a dhéanamh, nuair nach bhfuil aon-tseamaide ar a chuid féin. Tá na Barra Garbha siúd thuas ite isteach go grinneal anois aca. Is diabhlaí an rud beithigh a cheannacht mar sin agus gan gionnóid (dionnóid) len ithe agad le tabhairt dóibh]/ Gabhfaidh sí sin ag tóraíocht áit ar bith a n-aireóidh sí an fáiteall. Nach maith a fuair sí amach anois go raibh sean-éadaigh cuileáilte ag an dochtúr. Ní bheadh an saol suas léithe / Chaith sé an lá imithe, ach ba bheag é a fhátall ag teacht. Thóruigh sé chuile shiopa siar is 'chuile áit, agus diabhal blas a d'eirigh leis ach deich gcinn (de thuitíní). Dhá mbeinnse cho scrúdha sin dhá bhfuireasa, chítear dhom go n-eireóinn asta ar fad / Is beag an fátall atá aige = fascadh (fc. fámhall) / Tá fátall triomaigh aige (fc. fámhall) / Tá sé ag fátall (ag fátalladh) lae = ag déanamh lae; camhaoineach lae ann ar éigin) / Bhí sé ag fátalladh an lae nuair a d'imigh muid ó'n tórra(imh) /[Bhí fátall lae ann sul ar imigheamar, ach bhí sé in a oíche orainn ag dul siar ag abhainn an Ch. = rud beag lae, ní raibh sé ó sholas ar fad / Tá fátall beag lae ann déarfa, ach níl ann ach a aithne. Is ceart dó a bheith an cúig a chlog / Cho luath agus a fuair mé fátalla beag ar bith den lá aige, lasc mé liom / Níl sé ó sholas fós. Tá fátall lae ann. M'anam muise go bhfuil an-tsíneadh faoin lá anois]/

Is olc an fátallaí (fátallach, fáiteallach, fáiteallaí) é = duine nach mbeadh indon aon-treoir a dhéanamh; droch-sholáthraí; droch-sclábhaí / "Is olc an fátallach mé ar muir agus ar tír" [as an amhrán dár tús: "Is olc an talmhaí mé i dtús an Mhárta"]

Óra muise sén fatallaí é! Is cruadh an cás é, nó beidh annlann aige sin len a bhéilí. Níor fhága sé bradán ar an abhainn anuiridh / [Dar mo leabhar, ní droch-fháiteallaí ar bith é. Tóróidh sé dóigh agus athdhóigh leis an rud a fháil. / Is maith an fátallaí é ag bean ar

bith le pósadh. Mara bhfuil an t-airgead ar a bhois, tá sé in a chnámha.
Saothraí mór é / Is ait an fátallach farraige thú bail ó Dhia ort
má d'eirigh leat an méid sin éisc a thabhairt leat as "cur oíche".
Dheamhan a mbeadh sé ag tuilleadh in imeacht seachtaine / Sén fátallaí
é! Tá an bradán aige as an abhainn, agus an coinín as an tsúil ribe,
gan stró ar bith. Dar fiadh ní íosfaidh sé aon-ghreim tor, agus tá
an ceart aige /[Níl fátallaí ar bith is fhearr le cur Gaillimh
ná thú fhéin bail ó Dhia ort! Tá an aithne mhór ort, agus tá tú
indon neart bladair a choinneál le lucht na siopaí. Ní
thiocfaidh tú abhaile agus do dhá láimh cho fada le chéile ar chuma
ar bith = duine le dhul ar thóir tuitíní agus tobac / An-áit
é ag fátallaí maith le dhul isteach ann (: le pósadh ann).
Ach m'anam nach mór dhó a bheith in a fhátallaí mhaith.
Bheadh duine ar a mhine ghéire ann 'chuile lá sa mbliain, ach
bheadh rud dhá bharr aige freisin. Tá slí an airgid ann]/

Fuagra [: ní abruíthear fógra] = Ainmfhocal; Fireann
Fuagra: gairmscoile; dindiúirí dlí, nó scríobhainn nó caint áirid dá
sórt; pearúl; aithne; ordú

Tá fuagra cogaidh tugha uaithe ag an Rúis, más cóir géilliúint do na
páipéir / Bhí fuagra thuas ag geata an tséipéil inniu go bhfuil
saighdiúir ag tastáil / An raibh aon-fhuagra faoi aon-chruinniú thuas ar na
"pólannaí" le seachtain? / Fuair sé fuagra faoin bpinsean le goirid.
Dúradh leis dhá bhfaghadh sé beirt i bhfiainise go raibh sé in aois, go
bhfaigheadh sé ar an bpuinnte é / Tá leota d'fhuagra thuas ann, nach
bhféadfaidh aonduine a dhul isteach an geata sin níos mó /[Tá fuagra
tugha aige dóibh go gcaithfidh siad a bheith imithe as an teach lá
Bealtaine / Tá fuagra tugha ag an bhfear seo thíos do Mh. mara
gcoinnighe sé na beithigh den tsliabh siúd go searbhálfaidh sé é. / Is
rud é an bás nach dtugann aon-fhuagra uaidh / Tá mé ag tabhairt
fuagra dhuit anois fanacht amach as an teach sin feasta = ag cur
pearúl ort; "warning you" / Fuair sé a dhóthain d'fhuagra
nuair a tháinig an phian ghárha sin in a thaobh. Ach bhí an iomarca

saint' aige san saol le luighe. Tá aiféala anois air = fuair sé len innseacht go raibh an tinneas ag teacht / Tá mé ag tabhairt fuagra dhuit anois gan aon-láimh a leagan ar mo pháiste-sa níos mó, nó má leagann go dtiocfaidh sé daor ort / Tabhair fuagra dhó amáireach ceangal a chur ar na caoirigh sin aige, agus gan iad a bheith ag dul i mbradaíl orainne níos mó. Shílfeá gurb é lár an gheimhridh atá aige ann le go mbeadh cead scuir mar sin aca /

Fuagairt: Fuagruím etc.: Briathar = ag glaoch; ag screadach; ag déanamh fothramáin nó torainn mhóir; ag tabhairt len innseacht ar bhealach áirid; ag puibliú den altóir, nó ag tabhairt orduithe uait, nó ag cur pearúl nó aithne ar dhuine; ag glaoch amach mar a bhíos lucht candála nó lucht dhíolta earraí.

Chuirfidh sé na diabhail den Chruaich ag fuagairt ar an asal, in áit a raibh sé ag dul san gcoirce = ag béiciúch air; ag rádh leis gan a dhul ann / Chaith sé an lá ag fuagairt ar na fir, in áit nach raibh siad ag déanamh aon-bhuille / Fuagair ar an madadh sin nó maróidh sé na cearca. Tá sé ro-dhéan (: dhian) orra / Marach gur fhuagair mé air dheamhan cloch den chlaidhe nach leagfadh sé /[B'fhearr daoib fuagairt air breathnú indiaidh a chuid beitheach nó go ndéana siad foghail / Ab shin é suas S. Fuagair air (: glaoidh air). Tá a chapall amuigh ar an mbóthar / Má fheiceann sib J. ag dul thart fuagruighidh air go bhfuil leitir annseo dó = innsighidh dhó / Má castar suas an baile thú, fuagair ar T. Sh. go bhfuil fear an bhóthair dhá chuartú.]/ Marach gur fhuagair mé air (bagairt air, é a bhacadh), dheamh-an a chos a leigfeadh de Mh. nó go mairíodh (maruíodh) sé é / Deirimse leat gur beag na smideannaí a d'fhan aige ó d'fhuagair P. air. Sin é an buachaill aige / D'fhuagair sé orm a theacht isteach ag dul soir dom = dúirt sé liom / D'fhuagair sé uirre gan a dhul an bealach aríst go deó mara dteagadh sí ar cuairt aige / Tá sé seo thuas ag fuagairt siar annsin = ag béiciúch; ag bollaireacht / Leig de do chuid fuagairt anois má tá do leas ar Dhia / Sin í an fhuagairt a bhíos air sin i

gcomhnaí ach gloine a bheith caite aige / Cé atá ar an bhfuag-
-airt seo? Éist! An gcluin tú? /[Bhí mé ag fuagairt ort ó
mhaidin, ach níor chuala tú mé]/ Bíonn sé go hacht agus go háirid
ag fuagairt do Develera = ag glaoch dó: ag "cheering" /
Cén dream a bhfuil tusa ag fuagairt dóibh? /[D'fhuagair
sé "Up Cosgrave", agus muid ag dul thairis amach. Ag
iarraidh a bheith ag lonnú an achrainn! 'Deile! / Fuagruíodh
chuile dhuine a bhóta amach annsiúd. Annsin a bheidh a fhios
cén chaoi ar chaith sé í / Fuagair na beithigh sin dó = innis
dó go raibh a chuid beithigh i mbradaíl, nó go ndearna siad
foghail / D'fhuagair sé na caoirigh dhom inniu. Bhí siad istigh
sna breaclachaí siúd aige /[Chuaigh mise suas aige cheana ag
fuagairt foghlach dó, agus mhaithfeá dó Dhia gan a bheith ag
éisteacht leis, leis an bhfeannadh a thug sé dhom / Mara
gcrapa sí a cuid cearc léithe is gearr go bhfuagruighe
mise di iad. Diabhal mórán ab ait léithe fhéin a dhul uirre /
D'fhuagair S. N. a mhac do Ph. Chreidim go mbíonn sé ag cliús-
-aíocht len a inín / Caithfidh mé a chut a fhuagairt dó. Tá sé do
mo choinneál ó chodladh annsin igcaitheamh na hoíche]/ Fuagraíonn
crainnte an-ghála i gcomhnaí = níonn an gála fothromán
mór i gcrainnte / Tá an teach sin an-chrochta agus fuagairt
an ghála ann thar cíonn / Má cuireann tú crainnte ar an taobh
sin den teach sáróidh siad thú ag fuagairt gaoithe / Bíonn na
muláin sin ag fuagairt le athrú uaire = nuair a bhíos an
uair ar thí athruithe, bíonn torann ag na muláin sin /
Tá an banra (: cora san gcladach) ag fuagairt. Níor
fhuagair sé ariamh ach le báisteach /[Uair bhreá atá air. Tá
an eas ag fuagairt anocht = torann aice / Uair ar bith
a fhuagrós Barr na Cora, bí ar do shon fhéin annsin. Beidh
an aimsir in a ciréabachaí / Ab í an abhainn atá ag
fuagairt. Is diabhlaí an fhuaim atá aice. Dheamhan a fhios
agam an le triomach nó le gairfean a fhuagruíos sí,
ná cuid d'fhios]/ D'fhuagair J. "summons" ar T. Mh. faoin
scliúchas siúd = dúirt sé go dtiúrfadh sé "summons" air /

Diabhal easna dhóibh nar fhuagair próis orm féin le dhul i bhfiainise dhóibh. Dúirt mé fhéin nach ngabhfainn / D'fhuagair mé corp agus anam ar an bhfear a bhí ag dul thart. [Dheamhan a raibh a fhios agam ó thalamh an domhain cé hé féin. Marach sin mharódh na tincéaraí mé = d'iarr mé ar an bhfear a bhí ag dul thart mé a chosaint ar na tincéaraí; gan leigint dóibh mé a mharú]/ Bhí T. leagha aige, agus d'fhuagair sé corp agus anam air = gan é a mharú ó a bhí sé faoin a neart aige / Fuagruím cara agus coimrí ort. Ná tabhair cead dó seo mé a mharú = iarraim ort mé a shábháil air seo / D'fhuagair sí cara agus coimrí orm féin. Bhí a fear istigh dhá cnagairt / Chuaigh mé fhéin isteach agus d'fhuagair an bhean istigh easnamh orm. Dhá dteightheá isteach idteach fadó, agus dhá mbeadh bean ag deilbh ann, sén chéad-mhaith a dhéanfadh sí easnamh a fhuagairt ort. "Mo chuid easnamh ort, adéarfadh sí [fc. easnamh] / D'fhuagair sé an pota Pádraig orm nuair a casadh liom é = "mo phota Pádraig ort" adeir sé [fc. pota] / Bhí an fheóil dhá creangadh istigh aige. D'fhuagair mé féin leath agus páirt air, ach mo léan géar, ba bheag an toradh a thug sé orm / Ní chomhnóidh siad nó go bhfuagruighe siad cogadh ar a chéile /[Ní raibh rún ar bith aige ach achrann a fhuagairt orm / Fuagruím léan agus míádh ar an ábhair-seóir sin = tá súil le Dia agam go dtiocfaidh léan agus míádh air]/ Bheadh báire ar fhear agus ar bhean. B'fhéidir go bhfuagródh bean eicínt eile báire ar fhear eicínt eile an Domhnach a bheadh chugad. Ní bheadh aon-mheas ar an bhfear nach seasfadh an báire. = báire a fhuagairt ar fhear eile = bhíodh sé de phrimhléad ag an mbean an báire a chur ar an bhfear. D'fhuagraíodh sí é as comhair a mbíodh ar an mbáire / D'fhuagair sé "dóghadh" orm féin. "Beidh sé sách luath agad a fhuagairt" adeirim féin, "nuair a 'dhóghfas' tú mé. Idir dhá dhaora a bhí mé." = an cluiche cor nó deis / Fuagruigheamuid deagh-chomharsanacht orra : síochán barainneach inniu Dé Céadaoin (Diardaoin etc.) = fuaghruigheamuid deagh-chomharsanacht agus síochán Dé orra (fc.

comharsa] / D'fhuagair sé faoistean an tseachtain seo = phuibligh
an sagart ón altóir go mbeadh faoistean ann an tseachtain
seo /[Deir tú leis (: an sagart) a d'fhuagair inniu, go raibh
deich míle fhichead punt d'fhiacha ar an séipéal. "Caithfidh
'chuile cheann tí san bpobal deich bpunt a chur ann", adeir sé.
"Agus tiúrfaidh sin anois cnáimh le crinneadh dhaoib"]/
Nachar fuagruíodh amach den altóir é? /[Níor fuagruíodh
i lár an phobail mé mar a fuagruíodh thusa, a ghiolla gan
náire / Nach mór an t-íonadh nachar fhuagair sé an
Chéadaoin in a saoire / D'fhuagair sé (an sagart) troscadh
an tseachtain seo]/ An bhfeiceann tú an bhean sin thoir a
chaill a cliú cho maith léithe, agus níor fuagruíodh den altóir
chor ar bith í. Ach bhí sí sin in acmhainn crúib airgid a shíneadh
chuige. / Deir sé duine ar bith atá le pósadh feasta go
gcaithfidh sé a bhfuagairt den altóir trí Domhnaigh in
diaidh a chéile / Bhí fear thíos ar an aonach inniu ag fuagairt
sean-éadaigh = ag glaoch amach go raibh sean-éadach le díol aige /
"B'fhearr liom inGaillimh ag díol scuaba,
A's ag fuagairt dhá cheann ar an bpínn … " [leathrann] /
Teigheann siad thart ag fuagairt móna (: le díol) chuile ré
solais inGaillimh /[Bhí ceannaí ag dul thart annseo síos
ag fuagairt bhuicéid inniu / Chuaigh beirt as sin thoir
thart annseo aréir ag fuagairt "show" san mbóithrín
seo thoir san oíche amáireach. Beidh "monkeys" ann]/

Faolchú: Ainmfhocal: Buineann: Geiniúnach Uathaidh: na faolchon. Uimhir Iolraidh
: faolchoin, faolchointe = madaralla; Sasanaigh; seoiníní; creachadóirí,
sladthóirí [madaralla a tugtar anois ar wolf, ach tá faolchú ag
Gaeilgeóirí maithe fós. Is beag mar sin fhéin nach bhfuil sé seirghe ach mar
creachadóir, sladthóir, Sasanach, seóinín].

"Faolchú: sin madarallta: madadh fiáin. Bhídís as éadan annseo
fadó. Nachar chuala tú faoin bhfear a bhí thuas ag Cloch an Ch … ? /
Is tinne na Faolchoin in Éirinn anois ná ariamh = na Sasanaigh nó

gabhláin Shasana, nó Éireannaigh a ghabhfadh in a bpáirt /
Tá lóchrann ar an gcroí ag na faolchoin gur bhuadh Sasana
an cogadh. M'anam nach mórán áirge lucht airgid annseo
féin. Bhíodh fuile faile fútha ag imeacht faitíos go n-eireódh
tada dhá gcuid airgid /[Tá na faolchointe daingnithe
isteach go maith i gCúig Uladh fós. Tá cuasnóig aca annsin
a mhic ó mo chroí. Cinnfidh sé ar Debhelera iad a scagadh amach as
coichín? M'anam go dtiúrfaidh sé cnáimh le crinneadh dó dhá fheabhas é.]/

Fastú; Fastuím etc. = Briathar = greamú do … ; snadhmadh le … ,
breith d'aon-iarraidh ar rud; greim aibéil a fháil ar rud;
rud a sciobadh nó a scuabadh leat; rud a aimsiú; a bheith géar
greamannach nó neamúch. [Fc. fastódh, fastós]; farradh nó
faighdeán a thabhairt, nó duine a ionnsaí /

Fastuíonn Carraig an Logáin Leitir Móir do Garomna =
greamuíonn sí dá chéile iad (: dhá oileán, agus is droichead é Carr-
aig an Logáin) /['Ar ndú' deir daoine go raibh Árainn
fastuithe do Chonndae an Chláir fadó. Diabhal mé gur do-
chreidthe an scéal é / An bhfuil an léana fada úd fastuithe
don talamh chor ar bith, nó an oileán é?]/ Bhí asal fastuithe
don chlaidhe ann = ceangluithe / Fastóidh mise thú a bhuachaill
in áit nach bhfágfaidh tú /[Ní maith a bhí an capall fast-
uithe don charr agam san am ar bhain sí, agus as go bráth
léithe]/ Ní mór dom fastú eicínt ar mo threabhsar. Mara
bhfastuíod, is gearr gur tuithe síos liom a bhéas sé / Fastuigh
an fhuinneóig sin. Níl an lúbán sin istigh chor ar bith (: the catch
is not on) /[Bhí fastú agam ar an gconcar ar bhord na
curaí, agus diabhal mé gur réab sí an dubhán agus gur imigh
sí uaim in a dheidh sin. Bhí mo leas ar Dhia nach isteach
san gcurach a tháinig sí! // Fastuigh an peictiúr sin don
bhalla aríst]/ Cuir fastú ar an asal sin anois ó atá sé
agad / D'fhastuigh sé mé ar áit na mbonn = rug sé orm, nó
thosuigh sé ag tabhairt na teangan dom / Nach diabhlaí an
mhisneach a bhí ag C. D'éaluigh sé ar mhádaruisc san gcladach.

[Ná raibh ann mara bhfastuíonn sé é, agus buaileann sé a chloigeann faoi chloich, agus diabhal deóir a d'fhága sé ann]/ Shíl mé an rud a fhastú, ach más rud ceart a bhí ann nó mara b'ea, dheamhan a dhath a d'airigh mé ariamh faoi mo láimh. Sin í lom chorp na fírinne dhuit / Bhí an coileán sin agamsa roimhe, ar an taobh ó dheas den chlaidhe agus d'fhastuigh sé é, agus "shnigeáil" sé é ar bhall na háite /[Sin é an fear atá indon an liathróid a fhastú! Feacha an amhóg a thugas sé suas faoin a déint san aer / Dheamhan filleadh ná feacadh a rinne J. ach a raibh d'airgead ar an gclár a fhastú, agus leigean leis fhéin amach. D'fhága sé an dream istigh gan pínn gan bonn]/ D'fhastuigh sé mé de dhorta dharta, agus bhí mé ar shlatrachaí mo dhroma aige d'aon-iarraidh amháin / Ní rithfidh leis an iarraidh seo sílim. Má fhastuíonn an fear seo thuas é, ní leigfidh sé uaidh é gan gearraíochaí /[D'fhastuigh sé mé ar mo bhealach anoir, agus níor mhian leis a dhul anonn ná anall leis go bhfaghadh sé chuile údar uaim fhéin. Ach dar fiagaí níor thug mise saoradh ná séanadh dhó]/ Duine an-ghreamannach é. Ní túisce a bhéas focal as do bhéal ná a bhéas sé fastuithe aige = an focal is fánaí adéarfadh duine, bheadh sé do do sháinniú faoi, agus ag iarraidh adhmad a bhaint as nach raibh ann beag ná mór /[Cho luath agus adúirt seisean an focal sin san gcúirt d'fhastuigh an breitheamh an focal, agus thosaigh sé dhá chur idteannta faoi. Sin é an focal a d'fhága caite é. Ní raibh fios a labharha aige in a dheidh sin]/ Má bhíonn braon ar bith caite aige, is duine an-neamúch é. Níl neart agad smid a rádh nach bhfastóidh sé é … Ag ollúchan achrainn 'deile? / Nach maith aibéil a bhí an chaint sin fastuithe ag an bhfear thall? [Bainfidh sé go maidin anois aisti. Cén dochar a bhí san rud adúirt sé? Tá an iomarca cóirí catha agadsa ar fad]/ Is maith nach mór do dhuine a bheith ar a mhaidí ma chaitheann sé píosa cainte a dhéanamh do na póilíos sin. Beidh siad ag iarraidh breith ar theanga ort. Sén

rud nach gcuirfeá-sa suim ar bith ann an rud a ndéanfaidh siadsan scéal mór dó /[Tá chuile shórt fastuithe ag an dream céanna = sciobha; bíonn gach rud tóighe aca dóibh féin]/ Deir tú leo inniú a raibh an soipín feamainn lofa sin fastuithe aca, agus tórainneachaí déanta innte, le faitíos a dtóigfeadh aonduine eile í / Rud ar bith dhá mbeidh ag imeacht, ní beó iad gan a fhastú ar fad dóibh féin / Fastuigh é a dhiabhail! = beir air; beir isteach air / [Níl an chiall "hire" ná ciall ar bith dhá sórt annseo].

Fiuntach, Fiuntas = Aidiacht, Ainmfhocal Fireann [níor chuala mé aon-síneadh ar an ú ariamh ach san leagan atá thíos "ceird ghlan fhiúntach", ach bfhéidir gur fóinteach (fúinteach) é sin ó cheart]
Fiuntach: cóir, "spridiúil", fial faoi ól agus faoi bhiadh agus faoi airgead agus a leithidí. [Cialluíonn sé "gnaoidhiúil" gan aon-bhaint le biadh ná deoch leis scaití, ach is annamh é. Féile is mó a bhíos i gceist leis, go háirid flaithiúlacht le ól.]
Fiuntas: a bheith fiuntach; córtas, flaithiúlacht; einneach, féile.

Tá sé siúd an-fhiuntach. Sheas sé dhá dheoch dom an lá cheana / Tá an fiuntas ann dhá mbeadh tarraint a láimhe aige, ach níl. Dheamhan a leithide a casadh leat ariamh, dá n-eiríodh leis aon-phínn a bheith aige /[Cá bhfágfadh sé an fiuntas? Ghream--uigh sin dó / Dheamhan maith do dhuine a bheith ro-fhiuntach, agus ag tabhairt óil do bhacaigh nach mbeidh ach ag forcamhás ort, agus ag cur leadhb dhá dteanga amach fút nuair a bhéas do chuid ólta / Ní raibh sé d'fhiuntas ann deoch a sheasamh dhá raibh i láthair / Níor casadh in aon-teach ariamh thú cho fiuntach leis an teach sin. Bhí dalladh bídh agus óil le fáil ariamh ann ag Feara Fáil]/ Níl poll ná puirín ar an gcóta sin té (cé) gur fiuntaí poll na píosa = gur gnaoidhiúla; gurb onóraí / B'fhiuntaí go mór duit a dhul isteach ann idir chlár agus chuinneóg agus an bhean a iarraidh (le pósadh) go breá slachtar, ná a bheith ag imeacht i bpoill agus i bpruchógaí, agus dhá hiarraidh ar nós chuma liom / B'fhiuntaí go mór dó an rud a rádh amach ná a

bheith dhá chéilt mar sin. Is gránna an rud an cheilt / Tá sí an-
fhiuntach, adeir siad. 'Ar ndú diúltaigheamuide di. Tá
bualadh mór in a diaidh ar aon-nós = "cóir"; bean a mbeadh
sé de cháil uirre go raibh sí an-leighe léithe féin / "Tá ceird
ghlan fhiúntach (fóinteach?) aige, agus marach go bhfuil chuirfí
in éindigh le Tom Costello ag déanamh stannaí fuail é"
= leathfhocal atá ag cuid de na seandaoine ag caint faoi
fhear oibre nó ceirde; is cosúil gur duine eicínt adúirt é
timpeall agus thrí nó cheithre fhichid bliain ó shoin / Níor eirigh
liom cuid an fhiuntais a bheith agam = tarraint mo láimhe; riar
mo láimhe nó díol mo fhreastail idteach ósta nó ar ócáide den tsórt
sin; ní raibh mé indon mó chás a sheasamh idteach an óil /[Dheamhan cuid an
fhiuntais fhéin a bhí agam. Ní thiúrfainn deóir fhola le náire. Cén bhrí
ach go raibh daoine ann a raibh beann agam orra]/

Foras: Ainmfhocal, Fireann = comhnaighe; suaimhneas; foighid; socracht.

Déan foras! = bí ciúin! = ná bí ag corraí ag dul anonn agus anall, ach fan
socair / Nach diabhlaí nach ndéanfá foras. Ní fhaca mé aonduine ariamh
cho beophianta leat /[Níl sé ag déanamh foras ar bith le goirid. Bíonn
teas an aithinne ann ag imeacht i gcomhnaí / M'anam agus ná raibh ag
an diabhal mara ndéana tú foras anois, go dtiúrfaidh mise do chuid
duit. Tá tú sách fada ag eirí in áirde ó a tháinig oíche]/ Ní dhéanfaidh
sé aon-fhoras in áit ar bith choichín, ach ag imeacht indiaidh a chinn roimhe
mar sin / Ní raibh suí forais air = comhnaighe = ní raibh foras ná
suaimneas air = bhí sé luainneach / Ní fheicfidh tú suí forais air
sin le do ló. Tá sé cho luainneach le bean bhocht ar aonach /
Ní dhéanfadh sé iadhadh ná foras ar feadh na hoíche ach in
a chlaibín muilinn = ag síor-chaint / Ní raibh iadhadh ná
foras air gan imeacht = bhí sé beo-phianta gan a bheith
imithe / Dheamhan foras ná suaimneas a dhéanfas sé anois
nó go bhfagha sé bean in áit eicínt /[Ní raibh suí forais
air, ach ag útamáil anonn agus anall. Is mór an tseanmóir
é]/ Níl lá forais air ó d'imigh an deirshiúr uaidh = luainneach /
Foras! Foras! Foras! = an rud adeirtear ag glaoch ar mhuca /

Fiacha: Ainmfhocal; san bhfuirm Iolraidh i gcomhnaí = airgead a bhíos amuigh ort; airgead a bhíos dlite dhuit ó dhuine eile, nó ag an duine eile uaitse.

"Tóig a bhféadfaidh tú; íoc a bhféadfaidh tú: gheobhaidh tú féin nó fear na bhfiacha bás faoi dheireadh" = tóig a bhféadfaidh tú ar cáirde; gheobh -aidh tú fhéin nó an fear a bhfuil an t-airgead ag dul dó bás san deireadh, agus beidh na fiacha maite annsin. / Dhá mba fiacha dlisteanacha iad (glisteanacha) d'íocfainn iad /[Tá sé i bhfiacha / Tá muid i bhfiacha san siopa (le fear an tsiopa, do fhear an tsiopa]/ Ba mhinic leis a bheith "salach". Níorbh fhéidir fiacha a bhaint dó ariamh / Tá go leor fiacha amuigh aige (: siopadóir, beainc agus rl.) / Mhaith sé na fiacha dhó in omós seachtain oibre / Tá fear na bhfiacha ag iarraidh a chuid féin = an cáirdiúnach; an té a bhfuil an t-airgead ag dul dó / Tá sé báite (foirgthe le) i bhfiacha = go leór fiacha air. / Tá fiacha air sin is chuile áit, agus ní féidir pínn ar bith a bhaint dó / Tá sé cho maith dhuit a mhaitheamh dhó anois. Sean-fhiacha (: old, "bad" debts) iad, agus ní bheadh aon-ghoir agad a mbaint amach / Is fhearr sean-fhiacha ná sean-fhala (fc. fala, falamh) / "Teagann an lá cáirde agus ní mhaitear na fiacha" = bíonn an té atá salach i gcomhnaí ag súil go gcasfar luach na bhfiacha chuige nó mara gcastar, go maithfidh fear na bhfiacha dhó; is "hoping against hope" é; ní dhéanann sé fhéin ar ceart dhó le airgead na bhfiacha a sholáthar / Má tá cíos len íoc agaibh b'fhearr a íoc as láimh, th'éis a ghéireacht agus a theastuíos an t-airgead le haghaidh rudaí eile. Ach teagann an lá cáirde adeir siad agus ní mhaitear na fiacha / Nar fheice Dia pior-fhiacha ná fiacha ar m'anam = go raibh m'anam saor slán ar an lá deireannach / "Ní bhriseann deagh-ghlór fiacal, agus tugann an fear sleamhain fiacha leis" = "tugann an fear sleamhain fiacha leis" = an fear atá spleách, agus fios a labharha aige, agus é glic, ritheann na fiacha leis; ní chuirtear i dteannta é faoi fhiacha mar a chuirfí duine eile /[Dhá mbeadh fiacha mar sin ar dhaoine eile, dheamhan an leigfeadh an náire dhóibh a gceann a chur in aon-áit. Ach dheamhan a dhath cáis air siúd. Bladaire maith é. Ó, deir siad é, go dtugann an fear sleamhain fiacha leis.]/ Ní saill gan fiacha é (fc. saill) /

Fiachadh: Ainm Bhriathar = foghail, creachadh, míostáid a dhéanamh ar dhuine nó ar rud; é a ghortú; leagan air idtaobh páighe, íocaíochta, nó eile; rud a chur as do dhuine, nó a bheith ro dhanra leis [ní bhaintear leas ach in a Ainm Bhriathar]

Leig mé leis leisce a dhul ag fiachadh air = níor bhuail mé é, nó ní dhearna mé aon-cheo air, le truaighe dhó, nó le leisce a dhul ag cur rud as dó / Ní fiú dhuit a dhul ag fiachadh ar an dreólán sin. Tá sé marbh ó Dhia agus ón saol mar tá sé. Dhá dtugthá iarraidh dhó, ghiorróchthá leis / Ní fhéadfaidh mac Sh. Ph. a dhul ag fiachadh uirre siúd. Tá sí ro-óg. Dhá bhfanadh an rúisc mhór a bhí cheana ann, bhainfeadh sé a dhíocas aiste sin = fear a ndeachaidh droch-cháil amach dó faoi a bheith ag foghlú ar mhná /[Mara raibh aige le dhul ag fiachadh air, ach an donáinín sin, is gann a chuaigh an saol air. M'anam muise má thugann an donáinín 'un cúirte é, gur daor a íocfas sé an buille sin. Tuilleadh diabhail agus deamhain aige! Ba bheag an scéal é, dhá n-íocadh féin / Fear gan aon-choinsias a gheobhadh ann fhéin a dhul ag fiachadh ar an mbaintrigh bhoicht sin, ach is mian leis an diabhal siúd a dhá láimh a fháscadh timpeall ar an saol. Is cuma leis é ach 'chuile shórt a chrapadh leis dhó fhéin. Ba mhinic len a mhuinntir an tréatúlacht a dhéan-amh]/ Dhá mbeadh scrublaíocht ar bith ann mar mháistir scoile, ní ag dul ag fiachadh ar an dílleachta sin a bheadh sé. Ach tá sé siúd beó droch-mhúinte. M'anam gurb é a chuma sin atá air / Breá ar thug sé cead dó a dhul ag fiachadh air. Cá'il a theanga? / Fuagair ar an madadh sin, agus ná sceannadh sé an chaora ó chéile. Is mór an truaighe a dhul ag fiachadh uirre /

Falamh (: falə): Aidiacht; Ainmfhocal(?). (mh. maon i gcomhnaí in (falamh)
Falmhuigh (: falə; falīm ′ etc. m maon i gcomhnaí): Briathar.
Falmhú: an téagar, an éadail, an earradh nó an rud a bheadh istigh i soitheach, i mála etc. a bhaint as amach nó nach mbeadh tada fágha ann.
[Fuaim falmhuithe: falīm ′, fal ′īm ′; falī, fal ′ī etc.]

Falmhuigh an mála (an tubán, an cró, an cliabh, an ghloine, an garraí etc.) / Tá an garraí falmhuithe go maith anois = an rud a bheitheá a thabhairt as, a bheith tugha as [fataí, torthaí, clocha, agus rl.] / Falmhaíodh an cladach d'fheamainn an tseachtain seo caite / Tá an siopa falmhuithe

as tobac = níl aon tobac fágha ann / Tá an baile falmh-
uithe go maith asta (as fataí, caoirigh etc.) anois /[Ní raibh an
áit cho falmhuithe le fada. Dheamhan an gráinne féin tobac le
fáil / Falmhuigh an ceitil = an t-uisce atá ann a scárdadh amach
as / Ní féidir dhuit a bheith falamh cho luath seo. Nach arúr inné
a thug mé dhá onsa tobac chugad / Má theigheann tú go dtí é
ní leigfidh sé uaidh falamh thú = tiúrfaidh sé airgead, beatha
ól, nó pér bith céard atá uait duit / Nach falamh ó dhaoine
atá an bóthar anocht / Imrigidh lib! Tá mise falamh = níl
aon-mhámh agam / "Is mór an gar an té nach dteagann falamh"
= "is mór is fiú an té nach dtige ann falamh" = nuair a bhíos
duine ag dul agán a charaid ba cheart dó rud eicínt a
thabhairt chuige dhá laghad é / Fear falamh é anois = níl
airgead (fataí, etc.) aige / Ba chóra dhuit fanacht as — fanacht
"san mbaile" — ná cur faoi fhear falamh = níor cheart duit
cárta a chur isteach faoi fhear nach raibh cúig ar bith tóighe /
Ní ghabhfaidh mise i mbéal a chúig ar fhear falamh / "Dhá
dheich agus a cúig agus Tomás a Búrc falamh" = ceathar nó cheithre
chomlán ag cearrúchas; bheadh duine nó comlán amháin
gan aon-chúig /[Tá sibse cúig, ach tá muide falamh, agus is
falamh is minicí linn a bheith / Ná tabhair an mámh anois. Mise
atá roinnt, agus ní ghabhfá ag fiachadh ar fhear falamh]/ "Fear
fada fuar falamh" = "nuair a bhíos fear fada bíonn sé
falamh" = ní bhíonn airgead ag reanglamán, ná ní
bhíonn aon-mhaith ann /[Fear fada fuar falamh é. B'olc
an áit a ngabhfadh bean isteach chuig an scóllachán sin /
Na trí obair is deacra: iomra in aghaidh srotha (: iomra éigin),
bolg falamh in aghaidh cnoic (: coiscéimeacha fada in aghaidh
cnoic) agus tomhais na talúna in a dhornaí]/ Is deacair obair
a dhéanamh ar bholg falamh / An rud is measa a rinne tú
ariamh, a dhul ag ól ar bholg falamh / "Ní aithníonn súch sách bolg
falamh (: anshógh an ocrais)" / "Níl ualach ar bith is measa
ná ualach de phutógaí fala(mha)" / Is furasta cur ag (: fuiliú ar)
putógaí falamh" / "Is furasta fogha agus easbaidh a bhaint as fear

falamh" = is furasta fear gan-aon-mhaoin ná aon-airgead
a mhaslú / Bhí mo lámha falamh agus céard d'fhéadfainn a
dhéanamh = ní raibh aon-airgead agam / "Ní
cruaichte na clocha glasa ná na lámha falamh" /
"An rud is tréine ná an lán-mhara,
a bheith ag iarraidh féile ar lámha falamh" = ní cruaichte
na clocha glasa ná na lámha falamh! = an té nach bhfuil
aon-cheo aige ní thig leis aon-cheo a thabhairt uaidh / "Is
minic a rinne láimh fhalamh fear tuatach d'fhear" = mara
mbeadh sé indon deoch a sheasamh i dteach ósta ná síneadh
láimhe a thabhairt uaidh nuair ba gádh é, déarfaí gur
daoithiúlacht agus péisteántacht a bheadh air, cé go mb'fhéidir
go mba duine cóir fial é /[Ní féidir le pócaí falamh a
dhul in aon-áit. Tá sé fánach aca. Ní thaithníonn le duine
a bheith tuatach, ná i gcomhnaí ag glacadh cuid a charaid]/
"Pócaí falamh bocht, buailidís bóthar,
Agus gheobhaidh siad seantáin amach faoin tír" [as amhrán] /
"Ní gleann falamh a mbíonn an t-uisce ann" = an rud is
fairsinge, is fánaí, nó is lú a mbíonn meas ag duine air
go minic, b'fhéidir gur áirge mhór é / "Ní féidir le mála falamh
seasamh ar a cheann" = duine a bhfuil ocras air, níl acmhainn
oibre aige; duine nach bhfuil aon-teannadh ar a chúl aige, ní
fhéadfaidh sé achrann a tharraint ná a bheith neamhspleách; mara
bhfuil cuid is maoin agad, beidh tú in do chis ar easair ag gach
duine / Tá an láthair falamh = tá an áit falamh; níl aonduine
fágha; is minic an chiall leis go bhfuil an fhoghail nó an milltean-
as déanta agus gan fhios cé a rinne é / Ní féidir dó a inín a chur
amach falamh = a pósadh agus gan aon-spré a thabhairt di / Má theigh
-eann tú fhéin isteach chuice agus cupla unsa tae
a iarraidh uirre dheamhan a leigfidh sí amach falamh thú /
"A stóirín ó, ná tréig mé ingeall ar a bheith falamh (: dólom)
Agus a ghoirdeacht 's bheadh na poill mhóra ag tabhairt na mbó
uainn agus dhá mbascadh … " [Cuachín Ghleanntán Éifinn] /
Fuair muid leitir ach bhí sí falamh (: gan aon-airgead) /

"Is fhearr sean-fhiacha ná sean-fhalamh(? fhala?) = dhá dhonacht
iad na sean-fhiacha, bíonn súil leo uair eicínt, ach mara bhfuil tú
ach bocht dólom, ní fhéadfaidh súil a bheith agad le tada /[Is iomdha gar
a rinne mé dhó ariamh ní dhá mhaoidheachtáil air é, ach dhá dteagainn
in a linn (líon?) amáireach — nar leige Dia go dtiocfainn — tá
faitíos orm nach gcuimhneódh sé ar an arán a hithiodh. Ach is cuma
sin.] Deir siad gur fearr sean-fhiacha ná sean-fhalamh / Tá
cuimse airgid amuigh aice sin, nach bhfuighidh sí go deó. Ach
is fhearr sean-fhiacha ná sean-fhalamh, mar sin fhéin /
[M'anam dhá mbeadh maith i bhfiacha, gur gearr
go mbeadh cuid de na daoine in a ridirí. Is mór a thug
muid uainn ariamh nach bhfeicfidh muid aon-amharc go
brách air. Ach is fhearr sean-fhiacha ná sean-fhalamh. Ní
maith leis an bhfear cneasta go mbeadh aonduine indon
aon-cheo a mhaoidheachtáil choichin air. Ach maidir leis an
gcneamhaire …]/ Níl fiacha ná falamh air = tá sé glan
= ní dhlíonn sé airgead d'aonduine = is fear é a bhfuil tarraint
a láimhe go maith aige / "Níl fiacha ná falamh ar an teach sin
thíos" adeir sí. "Tá sé sin cho glan leis an gcriostal." A
Dhia láidir nach aice atá na floscaí! Agus nach bhfuil
aonduine san tír nach bhfuil rud aige uirre /[Shílfeá nachar cheart go
mbeadh fiacha ná falamh air sin, agus a bhfuil de shlí airgid aige. Más
mar sin atá sé sin, is diachta do dhuine ar bith eile a bheith indon
aon-phínn a íoc]/ Bhí fiacha agus falamh orm an uair sin, agus gan pínn istigh ná
amuigh agam. Is iomdha mo leithide eile a ghabhfadh agus a dhíolfadh
an áit, agus glanadh leis. Ach d'fhan mé ag strapadóir-
eacht liom. Míle buíochas le Dia, níl fear ar bith indon a rá inniu go
ndlím pínn ruadh dhó /[Diabhal neart aige air. Tá fiacha agus
falamh air. Céard a fhéadfas a leithide a dhéanamh? An té atá saor
caitheadh sé cloch. Sin é an chaoi le chuile dhuine: thíos seal agus thuas seal]/

Fiuch: Feoch: Briathar = rud a théigheamh nó go mbíonn sé i gcruth imeacht
in a ghail; súilíní a bheith ag teacht ar lacht; coipeadh feirge.

Fiuch an "kettle" [ní bruith an kettle. Fiuchadh adeirtear go hiondúil le lacht, ach tugtar "bruith" air scaití, go háirid san aidiacht bhriathar: "bainne bruite", "uisce bruite", "blách bhruite". Ach: "tá an t-uisce fiuchta" adeirtear. Dar ndóigh tá ciall áirid le "fiuchadh" .i. nuair a thosaíos an súilíní ag teacht ar lacht] / D'fhiuch sé an bainne / Fiuch an pota sin = uisce agus fataí / Níl aon-fhiuchadh aca sin (: fataí) ach dhá fhiuchadh = cho luath agus a bheidís tamaillín beag ag fiuchadh bheidís bruite nó in alt a n-ite /[Níl ag na meacna sin ach fiuchadh. Má fhágann tú ro-fhada ar an teine iad, imeóidh siad ar an uisce bruite / Bain fiuchadh beag as na fataí sin, ach ná bídís ach cnag]/ Ní thóigeann an fheóil sin ach dhá fhiuchadh / Cuir fiuchadh faoin bpota = deasuigh suas an teine timpeall air, i gcaoi agus go bhfiuchfaidh sé / Nuair a bhéas an chéad-fhiuchadh bainte as an bhfeoil sin, leag chois na teine í, agus beidh sí ag bruth léithe / Cuir gráinne bran orra (: turnapaí) agus uisce as an bhfiuchadh = uisce a bheadh ag fiuchadh ar an teine /[Cuir aníos braon uisce ar an bhfiuchadh annseo / Ní bhíonn a dhath maitheasa leis an gcaifí sin mara gcuirtear uisce as an bhfiuchadh air / Ní mór duit a ól suas as an bhfiuchadh (: punch)]/ "Ní theigheann teas thar fhiuchadh ach teigheann bruith thairis" = deirtear seo; is furasta aithinte cén chiall atá leis / Tá an lemonade sin ag fiuchadh = súilíní beaga ag teacht air = "fizzling" / Ní thaithníonn na deochannaí sin a bhíos ag feochadh liom. Is beag acmhainn a bheadh agam mórán aca a ól / Airím ag fiuchadh in mo bholg é / Tá mo phutógaí ag fiuchadh ó d'ith mé an greim sin = ar forbhás; glogar ann / Bhí an fharraige ag fiuchadh = coiphe; an-tsuaite / [Bíonn an tonn i gcomhnaí ag fiuchadh timpeall ar an scóthach sin. Tá clag fharraige ann]/ Chuir sé ag fiuchadh mé = choip sé le feirg mé / M'anam nach mór duit a bheith ar do shon fhéin. Bhí sé ag fiuchadh leat (: mar gheall ort) ó mhaidin / Bhí a éadan ag fiuchadh le náire = é lasta /[B'fhurasta aithinte air agus an lasair a bhí ann gur ag fiuchadh le náire a bhí sé]/ Níl fiuchadh ná deide ag an gkettle seo fós = níl cosúlacht

fhiuchta ar bith air /[Fiuchta mo chreach! Níl sé ag tosaí ag fiuchadh fhéin fós. Dheamhan fiuchadh ná deide a bhéas aige go maidin mara ngíosca tú an teine. Ní chuireann sib aon-chuma síos uirre (: teine) / Bhí poitín ar dhá splainnc ann, agus hébrí cén éadáil a bhí ann, dheamhan fiuchadh ná deide a bheadh aige dhá bhfágtaí annsin go maidin é. Go bhfoire Críost orainn, nach caillte na téinteachaí a bhíos sna bailte móra!]/ An teine a chorraí! Ní gádh dhuit tada dhá shaothar sin! Dhá mbeitheá ag corraí na cuifí sin (: móin) go trathnóna, ní thiocfadh aon-lasair uirre. Dia dhá réit-each! Ní bheidh fiuchadh ná deide ag mo bhraon uisce go faoithin. Cupla sean-bhriocán a bhí agam annsin le níochán / Bhain sib na fiuchta fuinne as = rud a d'fhágfaí ro-fhada ag fiuchadh = rud a bheadh ag fiuchadh nó go n-imíodh sé in a ghail ar fad /[Nuair a tóigeadh an fheoil, shíl mé féin go mbeadh an-fhairsingeacht eanra uirre. Fuair chuile fhear pael. Dheamhan spúnóig eanra a bhí ag gabhail léithe. Ba deacair di. Baineadh na fiuchta fuinne aisti]/ Ná bac-aighidh leo mar sin (: fataí) nó go mbaine sib na fiuchta fuinne asta mar a bhaineas i gcomhnaí. Ag iarraidh iad a bheith in a bpráib a bhíos sib, agus in a bpráib a bhéas siad /[Tá an iomarca fiuchadh faighte ag an bhfeoil sin. Nach bhfuil na fiuchta fuinne bainte aiste annsin le uair an chluig]/

Flaisc: Ainmfhocal. Buineann = (i) rabairne; féile; bruithshléacht; plaic -ín ghabhair a dhéanamh de rud; ráig óil; frasaíl; go leor oibre agus rl. (ii) an t-éadan dúshlánach de sceich, de chrígh dhriseachaí, de chrann; de thuim agus rl. ("fleasc" b'fhéidir. Sílim gur chuala mé fleasc freisin air ach níl mé dearfa). (iii) iarraidh; tuairt, tuisle (flaisc, fleaisc).

Rinne sé flaisc dhó = chaith sé go leór airgid / Rinne sé flaisc dhó fhéin ar fad. Dheamhan pínn de luach an ghamhain a bhí ag teacht abhaile aige, mara raibh deich fichead / Chuala mé go ndearna sé flaisc an tseachtain seo caite = ráig óil; "tear" / Bhí an-fhlaisc de bhainis ann = bruithshléacht

; neart len ithe agus len ól agus go leor daoine ann / Bhí chuile chineál flaisc
ann dhár chuala tú ariamh: fuigheall na bhfuigheall, dalladh óil
ag an té a thogair é; damhsa agus amhráin agus go leor ban /[Chuala mé
go raibh sé in a fhlaisc ar an gcleamhnas. Dheamhan cos
cuid aca a tháinig abhaile go raibh sé in a thrathnóna lár na
bháireach]/ Má tá an méid sin fuisce i bhfocal aca, tá
sé de rún aca an-fhlaisc den tsaoghal a dhéanamh. Beidh sí
in a "bainis Pheige Ní Eára" / Is corr uair a níos sé é, ach
an uair a níos, déanann sé flaisc. 'Ar ndú' an bhainis
sin a bhí ar an inín aige, fhobair go gcáillfí daoine ann.
Bhí im agus spunógaí ag dul imbéal Bh. sin thoir, agus gan fios
arbh imeacht nó a theacht dó, len a raibh caite den
bhraon chruadh aige. Síleadh go gcaithfí fios a chur ar an
dochtúr /[Chreidim gur rinneadh an-fhlaisc annseo thíos
inniu. Tá dubhachan mór déanta de bharr an lae ar chuma ar
bith. Siúd iad na buachaillí le leigean isteach i dtalamh
craicinn = go leor oibre]/ Má tá fút a dhul 'na bhaile
mhóir inniu ná déan flaisc mar a níos tú i gcomhnaí.
Ag caitheamh óil chuig bacaigh na tíre! /[Bhí flaisc annsin!
Mo léan géar ní sean-phórtar lofa a bhí aca sin! Is dóibh
is fusa. Fear ar bith a bhfuil dhá mhíle fhichead punt san mbliain
dó gan saothrú ar bith, ní aireóidh sé flaisc a dhéanamh / [Bhí
fear annseo le cuimhne na ndaoine agus "Mrucha Flaisc" a bhí de
leasainm air. Bhíodh sé i gcomhnaí ag caint ar "fhlaisc"]]/ Bhí
flaisc (fleasc?) na tuime cho láidir agus gur chinn orm a dhul in a
haghaidh = an chuid láidir di; an t-éadan a mbeadh na briongláin
ba láidre ann; an tosach nó an taobh amuigh / Bhí coinín istigh san
gcrích, ach ní raibh aon-ghoir a dhul cho fada leis, agus cho hachrannach
agus atá flaisc na críche /[Tá neart scoilb sna tumachaí siúd, ach
ní gan anró a dhul cho fadó leo. Tá flaisceannaí cho láidir orra /
Tá an saileánach siúd ag cairiú amach. Mara mbaintear é go
gairid beidh flaisc cho láidir air, agus nach mbeidh aon-dhul in a
aghaidh]/ In éadan flaisc na sceiche a bhí tusa. Séard a bhí agad
a dhéanamh a dhul isteach ar do chromadadh fúithe agus a baint

ó thalamh / Ní bheidh aon-dos bearna agad mara mbainfidh tú as a flaisc í. Is diabhlaí breá an sceach í / Cuireadh anuas ar a bhéal agus ar a fhiacla d'aon-fhlaisc amháin é = aon-iarraidh amháin; d'aon-tuairt amháin / Leag sé ar shlatrachaí a dhroma d'aon-fhleaisc amháin é. Ba mhaith a ghabh sé as nachar eirigh gortú dhó. Ach dheamhan ceó /

Failc: Ainmfhocal, Buineann = ailp a bheadh imithe as sconnsa, fál nó balla; oscailt a bheadh isteach i dtuim; mannt. [Deirtear "fairc" amanntaí. Tá focal ann, aircín .i. crompán nó cuan beag ("aircíní na Trágha Báine") agus b'fhéidir gurb é an focal céanna é. Fc. failic freisin]

Bhí sé in a sheasamh istigh san bhfailc siúd atá san bhfál / Céard a bhain an fhailc as an sconnsa? Leoraí a bhuail faoi ab ea? / Bhain duine eicínt failc as taobh na cruaiche siúd. Ní beo cuid de na daoine gan a bheith ag goid / Luigh mé isteach i bhfailc na tuime, agus chuaigh sé tharm amach gan mé a fheiceál. Diabhal mé go raibh sé ag síorádh leis féin /[Dheamhan fód móna aige sin le ráithe nach bhfuil díolta aige. Ag baint bhrosna a fheicim anois é. Bhain sé failc mhaith as an sceich mhóir atá san nGarraí Treasna inniu]/

Failic, Failicín: Ainmfhocal; Buineann = dorna, iarraidh; buille de chrobh na láimhe; mám coirce; bran etc; neamh-thíomhas; plaicín ghabhair; rud a ídiú an-sciobha; gan aon-bharainn a bheith induine i dtaobh airgid, beatha agus eile.

Bhuail sé failic orm = dorna; iarraidh / Má thugaimse failicín duit beidh cuimhne agad uirre / Buaileann sé corr-fhailicín orra de réir a láimhe / An fhailic is fánaí a gheobhfadh bó ar an dubhlia leag-fadh sé í. Nach bhfuil an duine ar an gcaoi chéanna? Níl neart aige iarraidh ar bith a fháil ar an gcamóig ara nach bhfuil sé tuithe in a phleibistín / Thug sé failicín maith coirce do na cearca = glac, mám / B'fhearr dhuit failicín choirce a chur thrí na fataí

sin di. Ní beatha do chapall oibre fataí ar aghaidh /[Coinníonn sé
failicín bran ar chuid na laoghanntaí i gcomhnaí. Tá a shliocht
orra: níl na cnámha amach thríotha mar atá thríd an gcuid se'
aghainn féin / Fagh failicín gaineamh agus sciúr na stólta sin
leis. Sin é a chuirfeas an ghlaineacht orra]/ Tabhair isteach
failicín do na scriocháin (: criocháin) sin; agus caith síos orra
iad. Déanfaidh siad cearca / Is gránna an chaoi an iomarca
failice a dhéanamh ar an rud mar sin = plaicín ghabhair a
dhéanamh dhe; é a ídiú de léim /[Is bocht an diabhail daoibh gan
aon-fhata a bheith agaibh agus an fhailic a rinne sib orra
le dhá mhí. Tá ráithe eile fós ar fhataí nua. Tá a mh'anam,
ráithe go láidir]/ Má thugann tú an t-airgead dó sin, déan
-faidh sé failic air. Níl duine ar bith is dearfa dhuit a
thabhairt dó na do Ph. Mise i mbannaí nach gcaithfidh sé sin
é / Is diabhlaí an fhailic a rinne sib ar an móin le cupla
lá. Dheamhan dhá chaorán ann anois, th'éis gur Dé Luain
a bhí mé i gcoinne aistir. Is suarach an t-íonadh nach
ndíolann sib aon-fhód, agus a bhfuil sib a dhóghadh /[Fuair tú
dhá onsa tobac Dé hAoine, agus is duit is mó náire, má tá
siad caite agad. Ní fhaca mé aon duine ariamh is mó
failic ar thobac ná thú. Dheamhan caint ar bith agad cá
bhfuighfear a luach / Tháinig dhá ghalún déag fuisce, agus nach
diabhlaí an fhailic a rinneadh air, agus nach raibh deóir ann ag an
sé maidin Déardaoin. Dheamhan an sdriog. Ach ba deacair
dhó: roinneadh in a channaí é, agus a raibh san teach tuithe /

Fóin: Fónaim etc: Briathar, fónamh: fóinim; fóineann sé; fónann
sé etc. Bíonn siad caol agus leathan, ach is minice thríd agus thríd an fhuirm chaol.
Ainm Bhriathar: ag fóint; ag fónamh (fūnə) [Ach is annamh adeirtear ag
fónamh]. Aidiacht: fóinteach; fóintiúil [fóinteach is coitianta,
ach deirtear fóintiúil freisin, agus is é adeirtear uilig in áiteacha .i. Árainn]
Níl "fónta" ann. Fuaim ú ar ó sna focla seo ar fad: fūin; fūɴʼtʼəx.

Fóin etc: a bheith úsáideach nó seirbhisiúil; a bheith go maith; leas a bheith ann

ann; a bheith garúil, oibliogáideach; useful, utilitarian; An chiall "ómós nó adhradh a thabhairt do"; nó "a bheith faoi dhílsine do", tá sí seirghe, ach san leagan "a Dhia dhá bhfónaim", agus tá an leagan sin fhéin ionann agus seirghe anois. Bhíodh sé ag corr-sheanduine roimhe seo /

"A Dhia dhá bhfónaim" adeir sé, "cuir ar mo leas anois mé, mar is fear idteannta mé" = Ye God whom I serve / A Dhia dhá bhfónaim, céard a dhéanfas mé chor ar bith / Is minic a d'fhóin N. Th. dósan roimhe seo = is minic a rinne sé gar nó leas dó / D'fhóin sé dhom in a dheidh sin nuair a tháinig mé in a chall / Ná caith amach an mhiodach de shluasaid sin. Is minic a fhónas (a fhóineas) sí dhomsa. Níl fad méire agam leis an luaith a chur amach ach í / Leag i dtaisce an cláirín sin. Fóinfidh sé fós / D'fhóinfeadh sé dhá mbeadh bacán ann le cur air ach níl / Sin é anois a d'fhóinfeadh ceart san doras údaí, dhá mbeadh sé agam /[Níl rud ar bith is fhearr a fhóineas idteach ná scian mhaith ghéar, agus sin rud nach bhfuil annseo / A dhiabhail, sí an sean-"tiúb" sin a d'fhóinfeadh idtiarach asail. Croch leat í. Déan]/ Ná caith rud ar bith amach. Fóinfidh sé sin fós / Cheannóinn é, ach ní fhóinfeadh sé dhom. Tá sé buille ro-bheag / An bhfuil a fhios agad céard a d'fhóinfeadh duitse ag dul na phortaigh?: na sleamhnáin sin a d'fheicfeá ar chosa na ngasúir inGaillimh / M'anam gur fhóin an písín sin domsa. Bhí mé in mo ghamal dhá uireasa / "An fhad agus a sheasfas sé fóinfidh sé" = le rud ar bith; nach ceart a chaitheamh i dtraipisí, nó ar an bhfara, nó go mbí sé caite, nó briste amach agus amach /[Fág annsin é sin. Dheamhan a bhfuil briste fós di. "An fhad agus a sheasfas sé fóinfidh sé", mar adeir an ceann eile / Cuirfidh muid an sean-"tyre" air aríst. B'fhéidir go dtiúrfadh sé babhta eile th'éis go bhfuil sí roiste. An fhad's sheasfas sé fóinfidh sé]/ Níl aon-fhóint (fónamh, amanntaí) san láighe seo níos mó. Tá sí caite / Coinnigh é. B'fhéidir go mbeadh fóint ann duit (b'fhéidir go bhfóinfeadh sé duit) uair eicínt / Dheamhan fóint ná cuid d'fhóint san tsean chathaoir sin níos mó. Cá bhfuigheadh sí é? / Coinnigh leat an fear sin. Ní bheadh a fhios agad, nach mbeadh

fóint ann duit uair eicínt / Caithfidh sé seo fóint dom, ó thárla nach bhfuil a mhalrait agam. [Ach b'fhéidir go mbainfinn mo ghaisneas as / Dheamhan a mbrisfidh mé é. Cuirfidh mise i bhfóint fós é sin]/ Ní dhíolfadh sé an carr. Tá sé ag ceapadh go gcuirfidh sé i bhfóint fós é. Dheamhan cur ná go héag, mar beidh sé críonta / Sin é a bhfuil de mheas agad ar mo chuid oirnise. Dar fia tá fóint thairis sin inte / Níl d'fhóint anois sna sean-pháipéir chíosa sin (n)ach go lasfaidís an píopa do dhuine. / Dhá bhféadainnse fóint ar bith a bhaint as an tsean-láighe seo, ghabhfainn do chúnamh dhaoibh = dhá bhféadainn obair ar bith a dhéanamh léithe /[Bhí sé ag iarraidh fóint a bhaint as an sean-asal, ach mo chreach maidne é! Ní túisce a bheadh an t-ualach líonta air ná a luighfeadh sé faoi]/ Tá an tsean-bhó sin ó fhóint anois = tá a cuid fóinte ar iarraidh = tá a cuid fónamh ar iarraidh / Is iomdha fóint a dhéanfadh S. A. timpeall an bhaile dhá mbeadh sé ann = leas, gar / Diabhal mé gur hiomdha fóint a níos madadh i dteach. Choinneódh sé amach na cearca fhéin len a shaghdadh ionta / Sílim go gceannóidh mé gunna gráin. Is iomdha fóint a dhéanfadh gunna. Ní bheitheá lá ar bith gan anlann / Is iomdha fóint a rinne an sean-asal fhéin do na daoine, nó gur cailleadh é]/ Is mór an ní an áit a bheith d'uireasa dochtúr. Déanann dochtúr cuid mhaith fóinte / M'anam muise go bhfuil an maide sin ag déanamh fóinte (ag fóint) dhomsa ó a buaileadh suas as na cosa mé / An bhfuil an sean-pheann sin a thug mé dhuit ag déanamh a rath fóint duit? Is fhearr é ná a bheith gan tada, nó go ndeasuighe tú do pheann fhéin / Claise fóinte (fūɴ'tʼə, ach fíN'ta freisin) = claise srotha i ngarraí = deirtear gur tugadh an t-ainm sin uirre, ó thárla go bhfóireann sí ag tabhairt an uisce léithe, ach níl annsin ach "folk etymology" / D'fhóinfeadh sé le clocha a bhaint / Fóinfidh an t-ord sin ag réiteach an chasáin siúd / "D'fhóinfeadh (d'fhóirfeadh freisin) rud ar bith d'fhear nochtuithe" = an té atá ingéar-chall is fánach an rud a níos leas dó /[Tuige nachar chaith tú chuige na cupla pínn féin. Deir siad go bhfóinfeadh rud ar bith d'fhear nochtuithe]/ B'fhearr liom an

gasúr féin agam ná uaim. D'fhóinfeadh rud ar bith d'fhear nochtuithe. Dhá dteagadh orm, bhuailfeadh an gasúr fhéin buille liom / Dheamhan a bhfuil ar fónamh dhíom muis = go maith / Tá an lá ar fónamh = go maith / Ní aimsir ar fónamh í seo don té atá ar phortaigh / Ní bhím ar fónamh le tamall / Ní hé an rud ar fónamh adéarfas tú ar chaoi ar bith = rud maith; rud cuíbhiúil / Ní hé an rud ar fónamh a chloisfeas tú san teach céanna /[Is fhearr a bheith ar fónamh ná saidhbhreas an tsaoil]/ Dheamhan a bhfuil ar fónamh den fhear chor ar bith = duine fabhtach é = tá sé fealltach / Is fiú an rud ar fónamh a cheannacht / Dhá mba rud ar fónamh é, ní thiúrfadh sé dhuit é / "Is fhearr an fhairsinge ná ar fónamh" = "is fearr fairsingeacht ná ar fónamh" = is fhearr go leór de dhroch-rud ná beagán de rud maith = quantity is better than, or preferable to quality / Cuirfidh muid uisce thríd (fuisce) agus fairsingeóidh sé é. Is fhearr an fhairsinge ná ar fónamh, adeir siad /[Níl ionta sin ach fataí muc. Tá méid ionta ceart go leór, ach cén mhaith méid, nuair nach bhfuil siad len ithe. Ach is fhearr libse fairsing-eacht ná ar fónamh / Deir siad gur fearr an fhairsinge ná ar fónamh. Is fhearr leo sin i gcomhnaí go leor den droch-rud ná beagán den rud mhaith. Ghabhfadh an beagán a mbeadh maith ann cho fada leis an droch-rud faoi dheireadh.]/ Is fóinteach an rud álmanaic a bheith idteach. Bheadh a fhios ag duine cén áit a mbíonn aontaigh fhéin / B'fhóintí go mór duit píopa cailce a cheannacht agus gan bacadh leis an bpíopa maide sin. Deir siad gur folláine é, ar aon-chor / Is fóintiúil an rud siopa a bheith ag béal an dorais agad. Níl agad ach rith amach i gcomhnaí, má theastaíonn aon-cheo uait / Rud fóinteach í "watch" a bheith in do phóca, thar agus a bheith ag rith ag iarraidh an am ar dhuine eicínt /[Duine fóinteach é B. le bheith ag áirneán agad. Deasóidh sé bróga agus ciseóga, agus má siad na stocaí fhéin iad, meastú nach bhfuil sé indon lúib a thógáil orra.]/ Mara bhfuil rud ar bith níos fóintí le déanamh aige anois, ach a dhul ag cur chrainnte, is fánach an fear é. Caitheann sé an geimhreadh chuile bhliain ar an gcipiléaracht sin, agus ní bhíonn sop sean-leasú amuigh aige, ach a dteagann Earrach. Mo chreach é. / Is obair fhóinteach atá air sin = obair riachtanach; obair a fhónas do dhaoine eile freisin /

Fogha: Foghairt: Ainm-fhocal; Fireann = (i) lochtú pearsan nó colainne duine; maslú; lochtú. (ii) an méid arúir a chuirtear san mbró in éindigh [fogha amháin adeirtear le (i) fəu. Deirtear fogha agus foghairt fəu, fəurʼtʼ le (ii)]

Is furasta fogha agus easba a bhaint as fear falamh = is furasta fear falamh a mhaslú / Níor bhain mé fogha ná easbaidh as aonduine ariamh = níor bhain mé fogha na aithis as aonduine ariamh = ní bhfuair mé caidéis d'aonduine ná níor lochtuigh mé é idtaobh a cholainne; níor mhasluigh mé aonduine ariamh [deirtear an dá leagan] /[Tá fogha agus easba bainte ag an gceann céanna as 'chuile dhuine. Dhá dteigheadh míle duine thairis san ló, chaithfeadh sé sclamh a bhaint asta uilig / Shílfeá go bhfuil sí siúd geamchaoch, ní ag baint fogha na easba aiste é / Is breá an forránach fir é, bail ó Dhia air, marach an tsrón, ní ag baint fogha ná easba as é, ná ag fáil locht ar ghnatha Dé]/ Níor tháinig aon-fhear ariamh dá hiarraidh sin, nach raibh fogha agus easba bainte aice as. [Bheadh sé ro-mhór nó ro-bheag; bheadh claon-fhéachaint ann, nó mannt, nó bheadh locht eicínt aice air i gcomhnaí. Bhí a shliocht uirre: fágadh annsiúd ar a tóin í gan fear ar bith. Tá sí in a cailleachín anois / Nach beag an náire ort a bheith ag baint fogha agus easba as chuile dhuine ar an gceird sin. B'fhéidir nach bhfuil duine ar bith ar fusa fogha agus easba a bhaint as ná thú fhéin. Diabhal mé muise nuair a roinneadh an slacht nach bhfuair tusa thar do chuid de! Ar chuala tú ariamh é ní maith an tsamhail a theigheas i bhfad]/ Tá cromshlinneán air, ní ag baint fogha ná easba as é. Ach ní fhaca tú ariamh ar aon-droch-fhear é / Caile bhradach í sin. Tá an iomarca fad ar a teanga uilig. Níl aonduine san tír nach bhfuil tarraingithe thrín a fiacla, agus an té nach bhfuil tada le rádh leis, tá fogha agus aithis bainte aice as. Is "seó" ("show") í! /[Ná bain fogha ná easba asam -sa le do ló aríst. Tháinig mise agus chuile dhuine de mo mhuintir abhaile cho maith leat féin — agus níos fearr míle buíochas le Dia]/ Coinnigh fogha beag leis an mbró sin nó go dteaga mé aríst. Caithfidh mé glac eile 'chruithneacht a fháil = arúr a choinneál caite

síos innte in a ghlacannaí /[Bhí sé ag cur foghairt arúir sa mbró nuair a tháinig mé cho fada leis. "Ní bheadh aon-deoir fuisce poitín agad" adeirim féin? "Tá", adeir sé, "maran fada leat fanacht léithe seo". "Ab shin é an chaoi a bhfuil sé?" adeirim féin. "Sé" adeir sé. "Trí seachtainí ar chuma ar bith" = le haghaidh iarraidh fuisce a bhí sé ag meilt]/ An fogha (an foghairt) is fuide ón mbró agus bainne na bó a rug anuiridh. Sin í an bheatha a d'fhaghadh na fathachaí = "an gráinne is fuide ón mbró agus bainne ná bó a rug anuiridh" = deirtear go bhfuil plúr sean-mheilte agus bainne bó sean-bheirhe go maith, agus tá sé tugha síos i sean-scéalta gurb shin é a d'fhaghadh na gaiscigh agus na fathachaí le spreacadh a chur ionta. Ach chuala mé údar eile leis bíodh sé fíor nó ná bíodh: tá lása adhmaid taobh amuigh ar an mbró mhuilinn, agus má airíonn tú an grán ag pléascadh in a haghaidh, tá an grán sin go maith. Pléascann an grán maith amach ón mbró. Sin é an fáth gurb é "an fogha is fuide ón mbró" is fearr / Cuireann sé (fear meilte) an eorna in a fhoghannaí síos san mbró uachtair / Ní raibh duine ar bith aige inniu le foghairt a choinneál leis an "thrasher". Bhí an fear a bhíos in éindigh leis tinn. Dar fia is contúirteach an rud foghairt a choinneál léithe siúd = "feed" the thrasher /[Caith fogha beag eile chuice ("thrasher"). Tá ocras uirre]/ M'anam muise má tá tú ag coinneál fogha (foghairt) san meilteachán i gcomhnaí, nach bhfuil daorbhascha dhíot bail ó Dhia ort = má tá tú ag coinneál snáth faoin bhfiacail = má tá tú indon an oiread fáiteall a dhéanamh agus go bhféadann tú maireachtáil [Tugtar "meilteachán" ar an drad] /[Ní choinneoidh na daoine foghairt san meilteachán chor ar bith má mhaireann an saol seo. Níl an earradh ann]/ Coinnigh fogha san mbró, agus ní cás duit é = bí ag ithe; coinnigh beatha leat fhéin /

Foghairt = Ainmfhocal, Buineann = (i) rud a chuirtear faoi shúil bó nó capaill. (ii) neartú a chuirtear i gcruaigh. (iii) faobhar, coinneal nó scéin i súile duine, le feirg nó thaghd.

Dhá mbeadh aon-cheo ar shúil capaill nó bó, cuirtear foghairt fúithe: bun sailí (slat shailí) a dhóghadh, agus a mheilt annsin, nó go ndéanfaí cho mion le snaoisín é; slam salainn a fháil, agus é a chruachan, agus an salann agus mionús na sailí a shuathadh go maith; cleite a fháil annsin agus an mioscán sin a chur isteach i dhá cheann an chleite; annsin é a chur faoi shúil an chapaill nó na bó leis an gcleite. Má bhíonn salachar faoin tsúil, nó scamall nó fionn nó péarla uirre, is leo sin a chuirtear foghairt in a súil /[Tá péarla ar shúil an chapaill sin. Níor mhór foghairt a chur fúithe / B'fhéidir gur gionnóid (: dionnóid) shalachair a ghabh inte. B'fhearr foghairt a chur fúithe. 'Ar ndú' ní dochar a dhéanfas sé di ar aon-chor / Níl tusa indon foghairt a chur faoin gcapall sin. Fág faoi dhuine eicínt é a rinne cheana é, agus atá eolgach ar na gnaithí. Bhuailfeá faoi rud ar bith.]/ Tugann an gabha foghairt don "drill". Coinníonn sé dhá chur síos agus aníos san uisce, nó go mbíonn foghairt ann. Ní leigeann an fhoghairt don fhaobhar maolú. Ní imeóidh an géireadas as má bhíonn fabhairt ann. Ní theigheann foghairt ar bith igcrúdh. Cuireann sé san uisce é, ach má chuireann féin, ní chuireann sé aon-fhoghairt ann. Ní bhíonn aon-chall dó leis. I gcruach a theigheas foghairt = foghairt a chur i gcruaigh: to temper steel /[Ní sheasfaidís sin dhá iarraidh d'uireasa foghairte. Is beag an baol. Nach bhfuil sé ag luighe le réasún? Nach bhfuil a fhios agad fhéin an rud a thollfas an chloich nach fuláir dó foghairt — agus foghairt mhaith. Ach cén chaoi a ndéanfaidís tada fadó? Agus gan aca ach tuaigheannaí adhmaid]/ Níor mhór dhuit foghairt ar na fiacla — leasú cruaighe — leis an bhfeoil seo a stróiceadh ó chéile. Tá sí cho roighin le gad / A dheárthair mo chroí thú, tá foghairt in a shúile siúd i gcomhnaí = scéin, coinneal / Bhí foghairt na feirge ann ar an toirt. Mo dheatach leis an gceann eile! Dar fia gheobhadh sé faoi na foraí é, marach mise a bheith ann le eadarascán a dhéanamh / Ní éadáil mhór ar bith an fhoghairt a theagas sna súile aige scaití. Cheapfainn nach bhféadfadh a bheith staidéarach dó. Bhí saochan ar a athair féin /

Feidheartha: Feidheardha: Aidiacht [fʼəirə: fʼəirhə] = maoilscríobach; fágha, scoite, lom, bocht, dólom, nocht, rite, sceirdiúil, aonraic.

Tá sé lom feidheartha ag imeacht = gan aon-éadach / Is diabhlaí feidheartha an chaoi atá ag imeacht air. Shílfeá go gcuirfeadh sé balcaisí eicínt éadaigh air fhéin, agus gan é a bheith 'sna ciomachaí siúd. / Tá sé an-fheidheartha, d'fhear a bhfuil an oiread goití aige agus atá aige. Ní chuirfeá na héadaighe atá air anois ag ruaigeadh na bpréachán /[Diabhal bréag nach mbíodh caithréim leis sin tamall, ach tá sé lom feidheartha anois. Dheamhan mórán truaighe é. B'olc é chomh uain agus a d'fhéad sé é]/ Teach feidheartha atá ann anois. Dheamhan ní dhár dhealbh an ghrian istigh faoin a chaolachaí. Imithe ag an bpán agus díolta. B'olc an imirce dóibh — ní dhá roinnt leo é! — a dhul isteach ar shlata an bhaile mhóir /[Bhíodar feidheartha maoilscríobach (: gan éadach, gan éadáil) chuile lá ariamh. Ach má bhí fhéin, diabhal go mba ghleóite iad. Níor chuala aon-duine ariamh an béal bocht aca, ní hé a fhearacht agus tuilleadh é]/ Nach hé an dó beag a tháinig feidheartha. Dheamhan mámh a bhí ar clár ach é fhéin = a bheith in a aon-mhámh; gan mámh ar bith eile a bheith ann len a leanacht ná len a bhualadh / Seólaigidh libh! Ní bhainim dhaoibh! Tá mise feidheartha. Dheamhan a shúil agam = gan aon-mhámh; níl mámh ar bith agam / Nach feidheartha a bhi an ceathair. An raibh mámh ar bith eile istigh? / B'fhéidir go bhfuil aon-fheaig aige seo aníos. Dar diagaí, tá mise feidheartha mé fhéin. = níl aon-cheann agam /[Dheamhan gráinne tobac in aon-tsiopa annsin thoir. A Rí na nGrást nach hiad atá feidheartha (: falamh as tobac)]/ Áit fheidheartha é B. Go deimhin ní tada eile é = áit sceirdiúil, scoite nó rite; áit mar a bheadh tamhnóg shléibhe ann; áit bhocht dhólom / Is feidheartha an áit ar chas do chosa tú. Séard adeireadh N. T. fadó: "Tula … an áit a mblitear na ghéabha"! / Is feidheartha an giodán a bhfuil an teach céanna ann = árd, sceirdiúil; lom / Oileán feidhear -tha ceart é = scoite amach ó gach áit / Tá sé fágha feidhearha san teach anois = gan ann ach é féin den mhuirín /

Fonnsa: [Fonnsa, Fúnnsa, an fhuaim] = Ainmfhocal, Fireann = buinní nó lataí adhmaid a bhíos ar bhairillí, ar dhabhachaí, ar channaí adhmaid, ar churachaí; ar ancoird agus ar phigíní a bhíodh ann roimhe seo; caiseal nó fidh; sórt cruinnithe a chuirtear in éadach (: "tuckannaí"); pluiceannaí nó roic fheola a bheadh i muineál nó i mbolg duine a mbeadh athsmig nó stumán air.

Caithfear fonnsa a chur ar an mbairille sin / D'imigh fonnsa den dabhach agus é lán le leann ruadh / Tá na cannaí aca fós in Árainn — cannaí adhmaid agus fonnsaí orra. Siad a bhíodh annseo uilig fadó / Ní fheicfeá aon-fhonnsa ar na hancoird atá anois ann, ach siad a bhíodh ar na hancoird fadó. Lataí a bhíos orra anois / Sé an fonnsaí béil atá imithe den bhairille (= an ceann uachtair). Is fhearr sin fhéin ná an fonnsa feire (: an ceann ag an tóin in aice leis an bhfeire / Ag cúipéara a bhíos an scian fhonnsaí. Ní mór dhó í, nuair a bhéas sé ag cur fonnsaí suas, nó ag tógáil tubáin nó stannaí / Na cléibhíní ime bhíodh fadó ann, bhíodh fonnsa ag án a mbéal. Cheal nach bhfaca tú ariamh iad? Bhíodh caiseal amach ar a mbéal mar a bhíos ar chiseóig. Níl an déanamh sin ar an gcléibhín ime chor ar bith anois / Tá an C. sin thuas indon fonnsa a chur ar bhairille. Fear an-stuama é sin. Níl ceird ar bith nach mbíonn sé ag cipiléaracht léithe / Níl a dhóthain teara ar an gcurach sin. Ná bac le ceann ar bith a mbeidh na fonnsaí leis mar sin inte. Níorbh fhuláir trí bhrat a dhul as cionn a chéile uirre sin = [na fonnsaí = na clárachaí in a gcineál buinne, nó na "hoops" atá treasna faoi chreatlachaí na curaí. Bíonn na liúrachaí taobh istigh dhíob, sínte ar a bhfad] /[Dheamhan lá ratha ar adhmad na hÉireann. Cloisfidh tú na liúrachaí ag pléascadh ar na fonnsaí i gcurach ar bith a bhfuil sé inte. An churach seo a bhfuil mise ag dul ag breathnú uirre inniu, roimh an gcogadh a rinneadh í, agus ní hé atá inte]/ Fir iad a bhfuil síoraíocht ionta, ach níl mórán gaisce orra in a n-iomróirí. Bhí muid ag teacht isteach den mheath mhóir, agus tháinig

sé in a lom gaoithe adtuaidh. Bhí an bheirt aca ag iomradh. Má bhí fhéin bhí gíoscán ag na liúrachaí ag pléascadh ar na fonnsaí. Ba shin iomradh mhí-stuama in a dheidh sin … Dheamhan fabht ar bith atá in adhmad na curaí / Tá sí roiste ar fad, (curach), agus cuid de na fonnsaí briste. Marach go raibh siad siléigeach, ní eireódh rud den tsórt sin dhóib / An bhfuil a fhios agad na corrfhonsaí (kəūrūɴsī)? Sin iad na lataí atá amach i dtús na curaí. Is corr-fhonnsaí iad nuair a phléascas an táirne iad /[D'fheicfeá coipeadh na farraige ar na corrfhonnsaí ó ghraidhp an bháid siar, nuair a bhíos teannadh léithe ag imeacht. / Tá fonnsa ar an gcoinneal = smál timpeall uirre mara bheadh buinne ann / Cuirfidh mé cupla fonnsa ar an ngúna seo. Ní mór dom an t-éadach a chruinneál. Is beag an mhaith dom fáithim a chur air d'uireasa fonnsaí]/ Tá sé in a fhonnsaí in a mhuineál le feoil = smig agus athsmig agus buinní feola amach air / Nach ar a phíobán atá na fonnsaí feola bail ó Dhia air. Is furasta a aithinte air, go bhfuil a chuid ag dul 'un maitheasa dhó / Tá fillicíní in a bholg le na fonnsaí feóla atá air. Dheamhan a leithide de mhéadail! Má mhaireann dó, is gearr nach mbeidh goir ar bith ag bolg J. ar a bholg / [Fonnsaí saille iad sin atá air. D'eireódh dhó. Is maith é a ghreim sin. Ní fataí agus "scadán caoch" a bhíos aige fearacht cuid eile de na daoine]/

Fuilinn: Fulainn: Briathar; Ainm Bhriathar [Níl g ionta: nn dúbalta caol. l caol agus l leathan. Déarfainn gur coitiannta an l chaol ná leathan san mBriathar Coimsí, ach bíonn an dá rud ann, agus go háirid san Ainm Bhriathar .i. ag fuilint, ag fulaint. Fulannach an t-Aidiacht: ní bhíonn sé caol. Nuair is ainmfhocal é agus réamhfhocal roimhe (.i. thar a fhulainn), leathan ar fad beagnach a bhíos an l go háirid mara bhfuil pian, lot nó tinneas i gceist. Ach deirtear "thar a fhuilint" le pian. B'fhearr "o" ná "u" san leitriú arae ní fuaim u atá ann: folainn, foilint mar "bog"]

Fuilinn etc: glacadh le pian, tinneas nó crádh colainne; tinneas pian nó crádh colainne a bheith ar dhuine nó ar bheitheach; acmhainn le pian, tinneas agus rl.; rud a fhágáil san staid a bhfuil sé; éagóir; a dhul mar thaca faoi ualach nó leathtroma ualaigh.

"Nach íontach mara d'fhuilinn Tú nuair a d'fhuilinn Tú an Pháis"
[As dán faoi Páis Chríost] /
"A Oisín", adeir Pádraig, "an té a fhuilinneós tart agus ocras de
ghrádh dílis Dé
Deantar gan a shláinte é(?), agus dhá bhrín sin, tara uait go loch dearg
liom féin" (as Argóinteacht Oisín agus Phádraig) /

D'fhuilinn mé mo cheart leis an gcois sin le mí / Is mór atá fuilinnthe
(fol ʼ iNĪ: nó fuilinnte) aige cheana, agus fuilinneóidh sé tuilleadh shul a
mbeidh aon-bhiseach rathúil aige / D'fhuilinn sé an bás an duine bocht
= shaothruigh sé (cheannuigh sé) an bás = bhí an-phianta air /[Is mór atá
fuilinnthe agam leis an fhad seo achair, agus sé a chosúlacht nach bhfuil
mé ach in a thús / Fuilinníonn sé cuid mhaith ag (leis, ó) an bplúchadh
sin. Sé a thiúrfas bás dó faoi dheireadh / Dhá bhfuilinneochthá an
oiread le t'athair! Agus gan a dhath fuasaoide aige in a dheidh sin /
Cor faoi iongan a bhí orm. M'anam gur fhuilinn mé pian
léithe]/ Tá mise ag fuilint (fulaint) ar an aimsir seo le
doigheachaí (cois thinn agus rl.) / Níl a fhios cén tart a d'fhuilinn mé,
agus gan tada agam len a choisceadh / D'fhuilinn mé ocras ar
chaoi ar bith! /[Tá fiacal agam atá farcha ar fad, agus níl a
fhios céard atá fulainnthe agam aice le coicís. / Bhí fuilint
aice an créatúr: sínte annsin ar shlatrachaí a droma le
bliain mhór fhada; agus gan í indon corraí, ach de réir mar
d'ionntódh duine eile san leabaidh í. Is maith an mhalrait
aice é (: an bás). Tá Dia buíoch di]/ Is mór atá le fuilint
ag duine, agus níl rud ar bith is mó a chuireas fuilint air
ach droch-chlann / Cuir é sin léithe. Cuirfidh sé ó fhuilint thú
ar chaoi ar bith = bainfidh sé an phian díot; tiúrfaidh sé fuarú
ar an bpian duit / Níl tinneas ar bith is mó a bhfuil
fuilint ann ná cancar = bíonn pian ghárha leis / Tá
fuilint agad ar chaoi ar bith = acmhainn glacadh le tinneas,
le pian, le lear an tsaoil, le magadh etc. go foighdeach / Ba
diabhaltach an fhuilint a bhí agad. Dhá mbeadh sé ag séideadh fúmsa
mar sin, thiurfainn buille marfach dó /[Is beag an fhulaint atá
aice. Mara dteagadh ach iasc beó in a cois, bheadh sí cho hanshóiteach,

agus dhá mba ag saothrú báis a bheadh sí / Tá fuilint mhór ag an duine bocht. Cáid buailte síos anois é?]/ Níl mórán fuilint ar theas agad = níl tú indon mórán teas a sheasamh / Ní bheadh aon-ghnatha ag duine annsiúd mara mbeadh fuilint mhaith ar theas aige / Shílfeá go mbeadh fuilint agad ar fhuacht thairis sin / Níl fuilint ar bith agam le teinteachaí ó a tháinig an ghrís seo orm. Sén chaoi a mbíonn an teas ag borradh leis an tochas /[Théis gurb é lár an tsamhraidh a bhí ann agus go raibh an uair breá bróllach, ní fhéadfaí a leath dhóthain clúdadh a thabhairt dó. 'Ar ndú' ba geimhreadh an áit seo le hais na réigiúin a d'fhága seisean]/ Dheamhan mórán le go bhfuilinneochthá leis an gceirín bheadh sé cho te sin = ní mórán le go mbeitheá indon seasamh leis / Ní fhuilinneódh sé leis an dochtúr ag lannsáil an chnap. Bhí na hollghártha aige ag caoineachán]/ Ní raibh mé indon fuilint leis ag baint an dealg as mo chois. Tháinig meirfean orm / Ní fhuilinneóidh mé i bhfad eile leis an mbróig seo. Tá sí do mo thógáil / Níl aon-fhuilint agam leis an treabh-sar seo. Tá sé ro-chumhang dom. Tá snaidhm ar mo phutógaí aige / Ní fhuilinneóinn le cóta mór inniu. Tá an lá ro-mheirbh]/ Nach maith a fhéadas tú fulaint leis an méid sin éadach leabthan a bheith as do chíonn. Diabhal mé go bhfuil sé phluid ort / Is diabhlaí a d'fhuilinn sé diallaid an "bhicycle" sin. Tá sí míle ro-íseall dhó / Ní teasaí maith thú muise, mara bhfuilinn(ighth)eá le láimh an cheitil sin. Is beag an teas atá innte sin chor ar bith / "D'fhulinneódh fuil fuil ingorta, ach ní fhulainneódh fuil fuil dhá dóirteadh" = ní bheadh aon-chás ag do dhuine muintreach fút dhá mbeadh ocras agus amhgar ort, ná ní thiocfaidís ag fóirint ort, agus thú ingéarchall ag caraíocht leis an saol; ach má bhíonn tú do do bhualadh idtroid, nó má bhíonn daoine eile do do mhaslú, tiocfaidh siad do chúnamh dhuit an uair sin / D'fhuilinneochthá mise in m'aonraic annseo? = d'fhágfa mise in m'aonraic; ní bheadh aon-chás ort faoi mise a bheith in m'aonraic /[Ní féidir go bhfulainneódh t'athair i mbochtaineacht thú agus a bhfuil d'airgead aige / Ní fhuilinneóinn i ngéarchall é ar chaoi ar bith]/ Fuilinn an cliabh sin dom = dhá mbeadh

srathair agus dhá chliabh ar chapall nó ar asal, agus go mbeadh ualach sna cléibh, agus dhá mbeadh duine ag baint na gcléibh den tsrathair, nó dhá gcur den talamh ar an tsrathair, ar an dhá luath agus a gcuirfeadh sé suas leathchliabh, nó a mbainfeadh sé anuas leathchliabh, chaithfeadh duine a dhul isteach faoin leathchliabh eile, agus é a choinneál suas, i riocht agus nach n-ionntódh sé féin agus an tsrathair. "Cliabh a fhuilint" a thugtar air sin / Fuilinn an cliabh seo dhom, nó go gcuire mé suas an leathchliabh eile / Bhí leathtroma sna cléibh ar an asal, agus d'iarr mé air an leathchliabh thoir a fhuilint nó go ndírínn an cliabh eile, agus sin a thomhais ort céard a rinne sé: reacht gáire a chuir as fhéin, agus imeacht leis / [D'árduigh an bheirt againn gob na curaí, agus chuaigh mise fúithe, ach dhá mbeadh mo chailleadh den tsaol leis ní fhéadfainn a fuilint. D'fhuagair mé air go raibh mé ag dul dhá leigean anuas. Sin é an uair a bhrath sé na clocha — dhá dhaigéad mhóra — agus iad ceangailte ar na seasannaí. "M'anam nach iontas ar bith nach bhfuil tú indon a fuilint" adeir sé / Dhá mbeadh cléibh lóid againn ní theastódh duine ar bith le na hualaigh a fhuilint = cléibh a bhféadfá an tóin a scaoileadh ionta]/ B'fhearr dhuit cois na leabthan a fhuilint dom nó go sáithe mé isteach as a cloigeann í / Fuilinn an cliabh móna seo dhom nó go leaga mé dhíom é = duine a dhul taobh thiar san gcliabh an fhad agus a bheadh an té a mbeadh sé air ag baint a chloiginn as an iris, agus dhá leigean anuas / Rinne sé thar a fhulaint é = ghortuigh sé é fhéin ag árdú ualaigh, cloiche ná a leithide; rinne sé éagóir air fhéin ag déanamh an iomarca oibre / Ná cuir thú fhéin thar t'fhulainn leis an mála sin. Sin é an chaoi ar bhris sé sin thiar, íochtar a bhrún; go sábhála Dia sinn! = mara n-eirighe leat an mála a árdú gan an iomarca stró, ná teirigh ro-dhian ort fhéin [is minic nach mbíonn t ar bith sa bhfocal mar ainmfhocal] /[Chuir sé é fhéin thar a fhulainn ag tarraint bhara. Shníomh sé é fhéin ar fad / M'anam muise go bhfuair tú amach an ceann a chuireas é fhéin thar a fhulainn. Mise a bhí faoin mbara inné in éindigh leis. Dheamhan dhá mhéaróig a

uirre againn. Deir tú leis in a dheidh sin a chuireadh suas ar a cheathrú chuile uair í, le athghreim a bhreith. Sin é atá áirdeallach air fhéin!]/ Beart féir a bhí air, agus d'airigh sé an-mheáchan ann, agus diabhal mé go dtug sé go hiothlainn é in a dheidh sin. Ach chuir sé é féin thar a fhulainn leis. Ní dhearna sé aon bhuille ó shoin /[Chuaigh sé thar a fhulainn leis an obair, agus tá a shéala air. Dheamhan ann ach go bhfuil sé indiaidh a chéile anois. Diabhal neart a bhí aige air. Bhí sé aonraic / Níl an capall indon an t-ualach sin a thabhairt in aghaidh Árdan Ch. Gh. agus níl aon-mhaith dhuit a dhul thar a fulainn léithe / M'anam scarthóir ar bith a bhí ag coinneál scarha ó bheirt shleádóirí, go raibh sé dhá chur fhéin thar a fhulainn. Níor dhíol truaighe ar bith a leithide dhá maruíodh sé é fhéin]/ Teigheann an ceann céanna i gcomhnaí thar fhulainn leis an magadh. Nuair is fhearr an sugradh sea is fhearr leigean dó, adeir siad = teigheann sé ró-fhada leis an magadh. Níor cheart dó a sheadú cho fada sin, mar cuireann sé olc ar dhaoine as a dheireadh / Ní spóirt ar bith a bhíos aige sin. Teigheann sé thar fhulainn léithe. Tá sé dhá thuaradh dhó fhéin muis. Is gearr go dtuga duine eicínt criogoide dhó. / Ní mian leis gan a dhul tar fhulainn igcomhnaí leis an deaghchaint. Ach ní hé an oiread sin acmhainne atá aige fhéin. Dhá mbeadh; níor mhiste le duine beirhe é. / Is duine fhulannach é = foighdeach le tinneas, pian, obair etc; acmhainneach ar obair etc. /[Níl mé fulannach ar obair shleáin chor ar bith = acmhainneach uirre; dhéanfainn í, ach ní bheadh aon-tsíoraíocht ionam léithe / Thar obair ar bith níl mé fulannach ar an gceird sin. Dhá mba aineolaí mé, níor mhiste, ach tá mé i gcurachaí ó a chuaigh banlá de chóta orm. Indomhnach in a dheidh sin fhéin, ní bheadh buille iomra déanta agam nuair a bheinn in mo staic / Níl mé fulannach chor ar bith ar dhoigheachaí fiacla. Bím thar bharr mo chéille aca]/ Is diabhlaí fulannach ar mhagadh atá P. Tá éisteacht an tsaoil aige. Fear ar bith eile a mbeithí ag séideadh faoi mar bhíodhadh annsin anocht, d'eireódh sé agus speirfeadh sé duine eicínt. Ach dheamhan cor ann / Ní bheadh tolgán ar bith agam seacht-ain i mbéal a chéile a chaitheamh ag iompar ualaigh, ach níl mé fulannach chor ar bith ar obair na láighe. Dheamhan ar thaithnigh sé ariamh liom thar obair ar bith /

Foirgeach: Foirgneach: Ainmfhocal, Buineann = sean-bhó chaite gan laogh gan lacht; bó atá gan aon-laogh le fada; sean-chabhail ghránna de bhó; "an old hulk" of a cow. [uimhir iolraidh: foirgí , foirgeachaí, foirgneachaí] [Fc. foirgthe]

Níl bó in a dhoras anois ach foirgeach de shean-bhó, nach bhfuil a fhios cén lá le seacht mbliana ar rug sí. / Is gránna an fhoirgneach de bhó í. Dheamhan an oiread a thiúrfainn uirre agus atá dhá thabh-airt ar na sean-bheithigh / Cén fáth ar cheannuigh sí an fhoirgeach gránna sin. Ní dúil a bheadh aice canndáil a chur suas ná eile! /

Folc: Briathar; Ainm Bhriathar (: folcadh, an folcadh) = uisce a chur suas thar rud; rud a chur in uisce; an t-uisce a bheith ag dul thar bharr rud; baslach a bhualadh ar rud; rud a níochán; rud a bheith báite (faoin uisce, san talamh etc.); rud a bheith ag sroicheachtáil níos airde ná rud eile agus ag cur an rud eile ó amharc [folc shnámh fc. thíos]

Thug mé folcadh don mhadadh san bhfarraige. Bainfidh sin na míola as = a chaitheamh síos as dóláimh san bhfarraige, de charraig nó de mhullán agus cead aige snámh ar bruach /[Is dona a chruthuigh sib má bhí sé ag cur aon-treampán oraibh san gcurach nachar rug air amuigh ar an meath mhóir agus folcadh beag a thabhairt dó! Chomhairleódh sin é = tumadh a thabhairt san bhfarraige dó]/ Thug sé folcadh eicínt do T. san bportach, ach dheamhan a raibh ann ach scliúchas beag. Tada ach gur chuir sé turraic ann ar bruach, agus gur chaith sé san bpoll é / Má dheireann tú smid eile, tiúrfaidh mé folcadh dhuit san lochán / Is iomdha folcadh mór a fuair sé ariamh ó dhroch-fharraigí, agus nach maith go dtáinig sé slán in a dheidh sin /[Caithfidh mé a dhul síos agus folcadh beag a thabhairt dom fhéin. Is fadó an lá nachar raibh mé ar snámh]/ Níl aon-mhaith do dhuine snámh a bheith aige mara bhfuil indon folcadh a dhéanamh air fhéin = a bheith indon a dhul faoin uisce agus a chur suas ort féin le oibriú na gcos agus na sál (fc. folc shnámh) / Tá Cloch an Mhioscáin folcha anois = an taoille tuile ag dul thar

a barr, i gcruth agus nach mbeadh sí "leis" ní b'fhuide [i ráití
mar sin, agus mar iad seo síos is coitianta é] / Is gearr go mbeidh
sé in a thuile. Tá Carraig Bh. T. leathfholcha = an taoille
árduithe suas leath bealaigh uirre /[M'anam go bhfuil scoth-
thaoille maith anocht ann. Shíl mé gur mallmhuir a bhí ann.
Tá Carraig an S. ionnan's folcha, agus ní fheicfeá folcha í
sin, ach le rabharta mór / Níl brígh tráighte fós aige. Chomh
uain agus a fheicfeas tú gob na C. folcha, ní bheidh aon-bhaol air
a bheith in a thráigh]/ Rinne sé tuile bháistí aréir. Tá garraí an
cladaigh folcha aríst = é faoi uisce; an t-uisce sceite air /
Chuaigh curach siar annsin le cloich trathnóna, agus níl ann ach go
mba léar duit í. Bhí sí folctha ag farraige cháite /
Tá a chloigeann folcha go maith anois ag an bhfolt atá air
= an-chloigeann gruaige air / Cloch í atá folcha san talamh
= tá sí báite san talamh: tá an talamh fásta suas go
dtí na barr /[Clocha reatha atá ann. Thréis go bhfuil siad leath-
fholcha go maith idtalamh, bhainfeadh gró gan stró ar bith
iad, mar ní ag eirí de leic atá siad / Is gearr a bheadh teach
bán chor ar bith nuair a bheadh sé folcha ag an talamh.
M'anam gur gearr, mara mbeidh aon-bhualadh air. (daoine ag
dul go dtí é, timpeall air agus isteach ann). Feacha na sean-tithe
a rinne poilitéaraí suas ar an tamhnachaí. Tá agus
banrachaí caorach freisin]/ Ní fheicfeá an teach chor ar bith. Tá sé
folcha ag na crainnte = teach a bheadh istigh i lár coilleoige nó
crainnte / Ní féidir an coinicéar a fheiceál anois. Tá sé folcha ag
driseachaí agus ag tumachaí / Ná bac le fataí a beith san ngarraí
sin thoir. Ní bheidh a dtuairisc fhéin ann. Tá na dasachaí uilig
folcha ag barráiste = an barráiste fásta i bhfad níos
airde ná na dasachaí agus ag cairiú amach as a gcionn / Tá
cúilín den gharraí faoi shíol féir agus an cúilín len ais faoi
thurnapaí, ach dar fia, tá na turnapaí folcha ag an síol féir /
Ara beannacht Dé dhuit. Ní bheidh aon-oinniún ann ná cuid d'oinniún.
Tá a ngoib aníos, ach má tá fhéin tá siad folcha ag pláigh shalachair /
Bhí sé ag folcshnámh = folcshnámh a rinne sé = a bheith ag snámh ar do bholg nó
ar do dhruim agus ag cur an uisce in aer le do chosa /

Faillí: Ainmfhocal; Buineann = siléig; neamh-shuim; neamháird; moill

Faillíoch: Aidiacht as faillí = siléigeach etc [Breis Chéim agus Sár Chéim : is faillíocha, níos faillíocha fearacht buíocha etc., ach sí an tSár-Chéim go hiondúil: "is mó faillí".

Failliú, Faillím: Briathar = siléig, neamh-shuim, moill etc., a dhéanamh

Dheamhan fata a chorruigh sé as na poill anuiridh le faillí agus le siléig / Níl aon-ghnatha faillí a dhéanamh faoin scoil = gan aon-lá cliseadh ón scoil; a dhul chuig an scoil acht agus áirid /[Is iomdha faillí atá ag baint den cheann céanna. An bhfeiceann tú an teach atá aige agus gan díon deoir ann / Ní bheadh a fhios agad ab é fhéin nó an bhean is mó faillí. Ní chartfaidh sise an luaith den teallach, agus ní thiúrfaidh seisean gabhail d'aon-ghamhain nó go gcaillteár air iad / D'fhan an méid sin spré-mhóna gan tógáil i mbliana len ar gcuid faillí fhéin, mar m'anam go raibh neart ionú againn, ach gur scaoil muid thar ar gcluasa í. Bíodh aice]/ Leig sé dhá chuid coirce tuitim dhá cheann anuiridh le ceann faillí. B'fhearr leis in a chodladh, nó ag rámhóireacht soir agus anoir an bóthar. / Ní maith an rud do dhuine muis a ghnatha a leigean i bhfaillí (chun faillí) /[Ní raibh tada idtosach air, ach droch-shlaghdán, agus leigeadh i bhfaillí é gan fios a chur ar an dochtúr, agus chuaigh sé in ainsil air / Diabhal tada dhá mhúineadh san scoil sin thiar. Tá faillí dhá dhéanamh orra (: ar na gasúir)]/ Dar brí an leabhair muise, níl aice an cíos a leigean i bhfaillí (: gan a íoc). Má leigeann, is gearr go mbeidh an siriam uirre / H-iarradh isteach é, agus 'ar ndóinín, níor leis ab fhaillí é: chuaigh sé isteach. D'airigh sé an fuisce istigh = ní dhearna sé faillí ar bith faoin a dhul isteach / Fuair sé (asal) an dos tóighe as an mbearna agus níor leis ab fhaillí é, gan a dhul isteach san ngarraí, agus talltú ar an gcur / Dhá bhfaghainnse aon-ogach níor liom ab fhaillí é: bheinn deasuithe isteach faoin ascaill aice. Ach dheamhan ogach a fuair mé, ná cuid d'ogach / Ní tráth dhá fhaillí é, a dhuine sin. Bí amuigh. Is gearr go mbeidh sé in a dhiaidhthráigh. Ní fhanfaidh an taoille linn = tá againn crudh a

chur in a thosach agus an tráigh a thapú (le feamainn a bhaint / Dúirt mé liom fhéin nachar tráth dhá fháillí é, agus má bhí an bhean len "iarraidh" go raibh sé cho maith a "hiarraidh" as láimh / "Is maith í an fhoighid, ach is dona (is olc) í an fhaillí" = ba cheart do dhuine foighid mhaith a bheith aige, ach gan rud a leigean i bhfaillí, [ná a chur siar ro-fhada // Ba cheart duit breathnú indiaidh na coise sin. Tá tú dhá buachailleacht ro-fhada. Is ceart di a bheith cneasuithe feasta, ach daidhean cosúlacht fós uirre. Teirigh ag an dochtúr léithe. Is maith í an fhoighid ach is olc í an fhaillí / Caithfidh foighid a bheith ag na daoine (: againn) chreidim. Ní in aon-lá a rinneadh an Áirc.] Ach is maith í an fhoighid agus is dona í an fhaillí. Tá sé in am agam biseach a bheith orm feasta má tá aon-bhiseach indán dom / Dheamhan ceó a thug an "Government" seo dhuinn ariamh, agus ní cheal nachar shaothruigh muid dhá chur isteach é. Ach b'fhéidir leis an aimsir go dtiocfadh maith eicínt uaidh. Tá sé ag dul buille ro-fhada mar sin fhéin. Is maith í an fhoighid, adeir siad, ach is dona í an fhaillí /[Leig sé cionfaillí sna "reins", agus thuit an capall = leig sé buille marbh sna "reins"; níor choinnigh sé sách rite iad / Seachain an leigfeá cionfaillí ar bith anois in do chuid oibre go dtige mise aríst = faillí ar bith / Má chaill tú an cluiche sin, sé do chionfaillí fhéin é. Chonnaic tú go raibh mise feidhearha. Ní raibh mé indon cúig mo láimhe dhéanta a thógáil. Bhí agadsa an bhainríon a chur faoi Ph. agus an chuileata a lomadh]/ Tá sé ar chúl a chinn in aspuicil (oispidéal) annsiúd thíos anois len a chionfaillí fhéin. An oíche ba mheasa a shéid as aer, ní choinneódh fear agus píce istigh é, dhá mbeadh aon-dhamsa as seo go B. R. Tá luach na ndamhsaí aige anois: é tolg-ha le eitinn / Má tá sé ag cinnt orm freastal do mo chuid oibre indomhnach ní le cionfaillí ar bith é. Is deacair d'aon aonraic breith ar 'chuile chruadhóig. Is furasta d'fhear a bhfuil lán tí aige a bheith as cionn a chuid oibre go maith (: í a

bheith déanta aige go tráthúil) / Bhí fios na faillí agamsa ar a
theacht dom = bhí a fhios agam, céard a bhí rómham, cén fháilte
a bheadh rómham, céard a thárlódh, céard a dhéanfaí
liom, céard a d'iarrfaí orm, cén cleas a d'imreóchaí
orm etc. [Deirtear "fios na faille" freisin leis, ach
níl sé baol ar cho coitiannta le "fios na faillí"] / Dhá
mbeadh fios na faillí agam, is dóigh nach ngabhfainn ann.
In a dhiaidh a fheictear don Éireannach a leas / Ní raibh
fios na faillí aige. Shíl sé nach raibh cleamhnas ar bith ann.
'Ar ndú' dhá mbeadh a fhios aige go raibh ní thaobhódh sé an
teach ar a bhfaca sé ariamh / 'Ar ndú' ní shíleann tú gur
isteach idteach aicíde a bhuailfinn dhá mbeadh fios na
faille agam. Bhuaileas a mhaisce, idir chlár agus chuinneóg /
Bhí fios na faille ag J. ach sin rud nach raibh ag ceachtar
againne. Ní innseódh sé dhuinn go raibh an dream thiar
ag faire orainn le dual na druinne a bhualadh orainn.
Níorbh fhearr le J. cleas duinn /[Dhá mbeadh fios na faillí
agam ní chorróinn de mo theallach fhéin anocht. A theacht
seacht míle bóthair chuig damhsa, agus gan rómham ann ach
cailleachaí agus sean-fhir! / Ní raibh fios na faille agam, ach dhá
mbeadh dheamhan a n-íocfainnse é, ach an oiread le duine. Shíl mise nachar
ghar a dhul ag margáil leis: nach scéithfeadh sé aon-cheo den phradhas a bhí
leagha air. Ach fuair an chuid eile lascainí cheithre scilleacha]// Ní fhailleóidh
sé siúd a ghnatha. Bhí sé in a shuí leis an réaltóig inniu = ní dhéanfaidh sé
faillí in a chuid oibre /[Níor fhailligh sé gan a dhul chuig na rástaí. Ba deacair
é sin a chur amach in a ghnatha muis / Ná failligh an leitir sin. Scríobh í ar a
dhul suas duit anois / Seachain an bhfailleóchtha do dheis. Ní móide go bhfuightheá
cho réidh aríst í = don't miss (neglect) your opportunity; tapuigh do dheis /
Má fhaillíonn muid an rabharta seo, dheamhan sop leasú a bhéas
againn le aon-tsíol a chur / Ní fhailleóidh siad na damhsaí ar chaoi ar bith.
M'anam nach mbeidís leath cho so-ghluaiste ag dul amach ag déanamh
ceann-oibre eicínt /[Fág annsin é. Tá breith mhaith ar an gclaise sin "a chur
isteach". Ach na faillíodh muid an béilí pérbith céard a dhéanfas muid]/
Hébrí céard a dhéanfas an garraí, ní fhailleóidh sé an chuartaíocht.

Trí huaire ó mhaidin a chonnaic mé ag dul amach as tigh Sh. Ph. é /
Ba mhór an t-íonadh muis gur fhailligh sé an fheamainn dearg
inné. Dheamhan a raibh sé thíos ag an gcladach chor ar bith, th'éis
nach raibh de leath-rann aige ach í le coicís /[D'fhailligh mé an
t-Aifreann inniu — nar ba lúide an trócaire ar Dhia é! — ingeall
ar ábhairseoir d'asal a bhí ar fuaidre. Diomú Dé agus na
Maighdine Muire dhó / Ná failligh anois amáireach gan a dhul soir
maolabhrach go dtí é, agus fiafraí dhó (: dhe) céard atá faoi a dhéanamh
leat, nó cáid go gcuire sé san aspaicil (: óispidéal) thú / Nach maith
a bhí a fhios aca go mba é an chéad lá d'Aibreán é. Ní fhailleóidh
siad sin a ngnatha. InDomhnach ní raibh a fhios agamsa cén lá de
laetheanta an domhain a bhí ann]/ Duine an-fhaillíoch é =
siléigeach agus rl. / Bhí sé cho faillíoch anuiridh ar chaoi ar bith agus gur
leig sé dhá chuid beitheach an garraí seo thuas a bhí coisnithe
l'aghaidh féir aige, a chrinneadh go cré, d'uireasa na mbear
-naí a árdú / Níl ag duine a bheith faillíoch faoin anam ar
chaoi ar bith pér bith céard a dhéanfas tada eile /
" … go n-acluighe aithrí an sean-chroí cruadh, faillíoch, fuar
atá in mo lár … " [As Aithrí an tSeóigigh] /

Fuaid: Ainmfhocal = fud, ar feadh; san láthair; san limistéar atá faoi.
[Mar seo atá sé san gceanntar seo. Níl leagan na Muimhneach ann: "ar fhuaid
an tí". (ar fud an tí). Focal coitianta é mar atá sé sna somplaí]

Chonnaic mise teach breá annsin muis, agus níl cloch ar a fhuaid inniu = níl
cloch amháin as cionn a chéile dhe [mar seo adeirtear: there is not a stone
upon a stone of it. Ní: "níl cloch as cionn cloiche dhe", cé gur dhóigh dhó sin a
bheith ceart freisin, mar tá leagain ar a chosúlacht ann] / Diabhal scór
clocha (meacháin) a bhí ar a fuaid (: cruaich choirce nuair a bhí sí buailte) /[Is iomdha
portach ar an T. Bh. ach dheamhan thiomanta portach ar a bhfuaid is breácha ná
an portach se'aghainne / Breaclach uilig é Baile na C. D. sin. Níl garraí maith ar
a fhuaid = throughout the length and breadth of it / Dhóigh an sioc na fataí céad fhómh-
-air anuiridh orm. Níor tháinig ceann ar a bhfuaid. Dóghadh ar T. Sh. san ngarraí
sin thuas freisin iad. D'fhás ceann anonn agus anall aca mar sin fhéin, ach má

d'fhás agus gur fhás, dheamhan fata slán a bhí ar a bhfuaid / Is mór an ghaisce sib! Tá scata agaibh annsin anois, agus cuirfidh mé mo rogha geall nach bhfuil fear ar u (: ur) bhfuaid, a thóigfeas mo mheáchan-sa fós /[Bhí cró cearc ag N. Mh. Bh. annsin thuas, ach níor fhága an sionnach cearc ar a bhfuaid]/ Bhí scoth-bhaile maith annsin le mo linn-sa seacht nó hocht de thithe. Dheamhan teach ar a fhuaid inniu. Imeacht as a rinne siad /

Fír: Ainmfhocal, Buineann = smior, bruid, ábhar, dúracht, mian, rún, fonn, fearúlacht.
Fíriúil: Aidiacht as fír = smiorúil, bruidiúil, dúrachtach, spreacúil, spleodrach chun oibre.
Fíriúlacht: Ainmfhocal as an aidiacht fíriúil = dúracht, díocas nó spleodar oibre, fearúlacht
[ní mara chéile ar fad fír agus fíriúlacht mar is léar ón a somplaí seo síos]

Níor cuireadh fír na maitheasa ann in am. Is furasta aithinte air fhéin nachar cuireadh. Ní mian leis aon-bhuille a dhéanamh = níor taithíodh é leis an obair in a óige; níor cuireadh bruid nó dúracht nó smior na hoibre ann; níor cuireadh an obair san gcnáimh aige in am [ní minic adeirtear "fír" ar a aghaidh féin. "Fír na maitheasa", "fír na hoibre" etc. adeirtear go hiondúil] /[Eirigh suas as sin a spreallaire, agus gabh amach i gcionn do láighe. Is furasta a aithinte ort nach bhfuil fír na maitheasa ionad / Ní dheacha fír na hoibre ann. 'Ar ndú' dheamhan punta a rinne sé sin ariamh gur bhásuigh an t-athair. Tá a shliocht air fhéin]/ Ní hí fír na maitheasa atá ionad. [B'fhearr thú a fhágáil sílim leis an gceird a bhfuil luighe agad léithe. Ní shaothróidh tú do bheatha le talamh ar chaoi ar bith]/ Dhá mbeadh fír na láighe ann, ní coicís a bhainfeadh sé as an ngarraí siúd. Chuir mé lá go leith é go minic agus mé in mo bhrín óg / Scurachaí ar bith nach gcuirtear fír na hoibre ionta idir an bríste glúnach agus an bríste fada ná bac leo. Ní sclábhaíocht a fheileas dóibh /[Dar mo choinsias tá fír na maitheasa is chuile dhuine in a theach siúd. Ní bheidís aige mara mbeadh sin ionta / An bhfuil fír ar bith ionad? Breá nach n-eiríonn tú de do chadair-
-ne agus rud eicínt a dhéanamh ar fud an tí. Is deas an tráth é a bheith ag breacadh do loirgní i mbéal an Earraigh thall]/ Cá bhfuigheadh sé sin fír ar bith a bheith ann, dhá dteigheadh sé leis an dreoláinín is athair dó? Ba é a chloch neart chuile lá ariamh siúl go dtí an garraí, ní airím aon-fhoghail a dhéanamh ann / Nach furasta aithinte fear na fíre. Ní chuirfidh síon ar bith den phortach é /

Aithneóidh tú i gcomhnaí searrach na deagh lárach. Beidh fír ann. / Dhá mbeidís sách fíriúil, b'fhurasta dóibh cuid de na clocha siúd a bhriseadh agus bealach cairr a dhéanamh ann = smiorúil, bruidiúil, spleódarach chun oibre; dúrachtach / Séard adeireadh Nioclás linn fadó agus muid ag cur fhataí aige: "bíodh fóthannán fireann in ur mbéal i gcomhnaí le teann diócais". Diabhal a raibh sé fhéin cho fíriúil sin muis /[Tá clann fhíriúil aige sin. An bhfaca tú an réiteach a thug siad ar an tsráid siúd? Bhí caracán innte a bhí cho hárd leis an teach seo, agus bhain siad as a lúdrachaí é. Dheamhan an spala a d'fhága siad ann / Tá sé an-fhíriúil go deó le rud ar bith a ghabhfas sé a dhéanamh. Ní bhíonn drugal ná leisce air. Ach fainic a rachthá ag cur chomhairle air. Spréachfadh sé / M'anam gur maith fíriúil uaidh bord a chasadh, marar rug sé ar aon-láighe cheana ariamh. B'fhéidir nach bhfuil ann ach an rith searraigh. Mara bhfuil feicfidh tú féachta as seo go tráthnóna é. / An-sclábhaí oibre é J. — fíriúil ceart]/ Sin é an áit a chuirfeas fíriúlacht i J. Dar Duach muise, ní sínte chois an chlaidhe chor ar bith a bhéas sé annsin. Aireóidh na cnámha aige é san tír sin / Nach ionta atá an fhíriúlacht a Thiarna! Is beag an baol gur fíbín a bheadh orra thoir ar na rástaí, mar atá ar mhuinntir an tí seo! Sin í an cheird a fhágas an mhóin san bportach! / Fear a mbeadh a dhóthain fíriúlacht ann, agus a thiocfadh in a éadan ar a ghlan mhochóirí, dheamhan spreab a bheadh fágha ar a fhuaid aige trathnóna. Chonnaic mise P. Dh. dhá chur (: garraí) lá cheana, ach fagh thusa fear mar é sin /[Is beag fhíriúlacht é i dtráigh fheamainne. Dheamhan dhá scuabán a bheadh bainte aige marach go raibh an bhean in a bhuil. / An té a bhfuil fíriúlacht mar is ceart ann, ní leigfidh sé an lá mór fhéin thairis. Beidh súnás air i gcomhnaí. Ach is beag an tsamhaoine do dhuine an iomarca fliucháin a thabhairt dhó fhéin. M'anam go mbainfidh an fliuchán a chuid féin as duine]/

Fuath: Ainm fhocal, Fireann = gráin, col, uais, mí-thaithneamh, neamh-ghrádh, déistean.

"Níl grádh dhá mhéad nach mbíonn fuath dhá réir" = má bhíonn beirt mór le chéile, agus má theagann eatorra, beidh an oiread gráin aca ar a chéile uaidh sin amach, agus a bhí de ghrádh cheana aca dhá chéile / Chaith siad sin an

an tsíoraíocht mór le chéile, ach tá siad briste amach anois. Ní bhíonn grádh dhá mhéid nach mbíonn fuath dhá réir / Th'éis go raibh siad in a dhá gcuid déag le chéile, níl beirt ar bith is mó gráin ar a chéile ná iad anois. 'Ar ndú' ní bhíonn grádh dhá méid nach mbíonn fuath dhá réir. Deir siad é / "Comhfhad a theigheas fuath agus grádh" = bíonn neart an fhuatha cho mór le neart an ghrádha = níl grádh dhá mhéid nach mbíonn fuath dhá réir /[Thug an madadh sin fuath don chuain cho luath agus a bhí siad beirhe aige. D'fhága sé annsin thoir san gcró iad agus diabhal a dtaobhódh sé chor ar bith iad / Is minic le caora fuath a thabhairt don uan, agus gan é a leigean ag diúl / Ná bac le máthair ar bith a thugas fuath dhá páiste mar sin / Annseo a theagas sé ar fad ar cuairt anois. Tá fuath tugha don áit thíos aige = gráin glacha aige air / Tá fuath tugha aige don teach seo ón oíche fadó ar cuireadh an luch bheag in a phóca / Is furasta le duine fuath a thabhairt do bheatha má tá sé éiseallach / Glacfaidh sí fuath ar an bhfeamainn anois. Ní thóigfidh sí níos mó í = an ghráin a ghlacadh uirre / Tá fuath glacha ar an bportach ar fad agam le gairid. Is luar liom an diabhal ná a dhul suas ann]/ Glacfaidh sé fuath don gharraí sin muis. An chéad uair a mbéarfaidh mise istigh air (asal) ann, cuirfidh mé glas san gcró air, agus dheamhan amach a ghabhfas sé go ceann seachtaine, ná greim a gheobhas sé len ithe / D'ól mé an oiread dhe agus gur chuir sé fuath orm le poitín ó shoin / Is fuath leis an dream sin siar = is gráin leis iad / Ní raibh fios fuath na fionnóige agam faoi = ní raibh fios rúin ná sois -céil agam faoi = ní raibh a fhios agam tada faoi / Níl fios fuath ná fionnóige agam faoi sin. Ní bhíonn a fhios agam céard is cor dhó fhéin ná dhá chúrsaí chor ar bith. Is maith an rud do chuile dhuine a bhealach féin a dhéanamh, agus dhá laghad dhá mbainfidh do dhuine ar an saol seo, is ea is fhearr dhó é / Dheamhan fios fuath ná fionnóige agamsa a dheárthair mo chroí thú, cé a ghoid do chuid rópaí. Duine eicínt atá ag iarraidh thú a shaghdadh. Cén ghnatha a bheadh agamsa de do chuid rópaí. Tá mo dhóthain aca agam fhéin ar scáth a ndéanaim leó / Cá bhfuighinnse

fios fuath ná fionnóige air. Níor chorruigh mise amach as na breaclachaí seo a fheiceas tú ariamh. Ní bheadh fhios rud den tsórt sin ach ag an té a shiúilfeadh. Fiafruigh den Phunc-án mhór seo thíos é. Tá cuid mhaith curha dhá chosa aige / Ní bheadh fios fuath ná fionnóige agad faoi mholt beag a d'imigh uaim, tá seachtain ó shoin. An comhartha cluas a bhí air: béim san gcluais dheas. Cloigeann dubh a bhí air, agus é i gcruth mhaith /[Thar cheird ar bith faoin domhan, níl fios fuath ná fionnóige agam ar thuídeóireacht. Níor chuir mé aon-slám tuí ariamh, ná níor sháith mé aon-scolb, ná ní raibh mé ag freastal ar thuíodóir fhéin]/ Dheamhan fios fuath ná fionnóige agam air. Is a dhul ag iarraidh olann ar ghabhar, a theacht ag cur tuairisc mar sin liomsa. Ach tá fear annsin thuas i mbéal an bhóthair, agus teirigh go dtí é /

Fuath Fíona; Fuath Fíonach: Ainmfhocal, Fireann = carradh dhubh mar a bheadh tobac ann, agus í cruadh tacúil. Bíonn sí le ceannacht sna siopaí. Leaightear ar bhainne í, agus tugtar de phurgóid do bheithigh agus do dhaoine í. Rud searbh í, ach deirtear gurb an-phurgóid í. Roimhe seo, bhíodh páistí ann, agus ba doiligh a gcoisceadh den chígh. Bhíodh cuid aca suas in a sean-ghasúir, agus bhídís ag iarraidh a dhul ag diúl mar sin fhéin. Len a gcoisceadh chuireadh na máithreachaí nó na banaltraí fuath fíona ar a gcuid cíoch féin. Deirtear an gasúr a mbíonn fonn diúil mar sin air, go mbíonn an-bhiseach faoi, agus go ndéanfaidh sé an-fhear. Chuirtí ar shiniúchaí bó freisin í, le go nglacfadh an laogh gráin uirre. [Aloeo a thugtar air i mBéarla].

Ól purgóid fuathfíona. Sin í an cailín a oibreós thú. Bainfidh sí na scairteachaí asad /[B'éigin fuathfíonach a chur do Mh. se'aghainne. Bhíodh sé ag iarraidh an chíoch a fháil agus é in a fhear óg. Bhí a shliocht air. Ní raibh cinneadh ar bith in a fhear leis go ndéana Dia grásta air. Ní raibh aon-fhear láidir san tír seo ariamh nach ndeachaidh fuathfíonach ar na cíocha dóibh. Níl maith le duine ná beitheach nach n-ólfaidh a lacht]/ Chuir mise fuathfíonach ar shiniúchaí bó a bhí agam annseo an bhliain cheana. Sean-laogh a bhí ag iarraidh a dhul ag diúl uirre. Cén bhrí ach bhí góltra déanta ag an úth, agus dheamhan fios a bhí agam air. Dheamhan dochar a rinne sé di in a dheidh sin féin /

Faobach: Ainmfhocal; Fireann = sladadh; léirscrios; millteanas mór

Rinne sé faobach ar chaoirigh = madadh a bhí ag marú caorach / Déanfaidh an "sergeant" faobach ar an bpoitín sul a gcomhnaighe sé = a thógáil as éadan / Is diabhlaí an faobach a rinne an stoirm den tséipéal. Níor fhága sí scláta thuas air /[Chuala mé go ndearna an oíche thóirní sin an-fhaobach in áiteacha siar annseo / Tá an-fhaobach déanta den dúirlinn ag an taoille mhór a bhí aréir ann. Tá sí cartuithe fré chéile.]/ Déanfaidh na beithigh sin faobach san iothlainn, má theigheann siad i bhfoghail innte, agus gabhfaidh /

Fuile Faile: Ainmfhocal, Fireann [an dá fhocal i gcuideachta i gcomhnaí) = forú, driopás, falrach, anbhá, teas an aithinne; súnás, faitíos.

Bhí fuile faile ar fud an bhaile ar maidin inniu. [Gasúir adúirt go raibh beitheach le M. Ó. F. i dtreascairt i scailp mhór na T., agus rith a raibh ann suas go dtugaidís as í. Dheamhan a raibh an bhó ann chor ar bith]/ Dar príosta bhí fuile faile faoi in ucht am dinnéir inniu: ag dul ag cur isteach coirce de dhá léim. Dúirt sé go ndéanadh sé an-lá. 'Ar ndú' mo chreach mhaidne, ní raibh ann ach an scalán sin /[Bhí muid ag "stillhouse" agus an iarraidh críochnuithe go díreach. Dúirt duine eicínt go mba chosúil le póilíos a bhí ag nochtadh aníos ar an gC. B. Bhí sé in a fhuile faile san stillhouse, ag rith leis an bhfuisce agus leis an oirnis agus le bairillí. Dheamhan a dhath a bhí ann ach beithigh leis an mbaile ó dheas]/ Ní fhaca tú aon-fhuile faile ariamh ó rugadh thú mar a bhí faoi mhuinntir an tí seo thíos aréir. Chuaigh P. soir, agus dúirt sé léithe seo thíos go dtiocfadh sé ar cuairt ar a theacht anoir dó. Bhí gasúir amuigh ag iarraidh bainne, agus tae siúicre ar an toirt, agus díocas uirre fhéin ag fuint aráin. Go deimhin dhá dteagadh, bheadh óstachas faoin a chomhair. Ach baol air sin a theacht. Níor chuimhnigh sé amháin air / Ar a theacht anoir dhó ón mbéiréiste, chinn air a bhullán fhéin a fheiceál, agus tháinig sé in a fhuile faile air ar an bpuinnte, agus soir leis ar feadh an aonaigh aríst ag ceapadh gur goidhe nó imithe a bhí sé. ['Ar ndú' bhí an bullán as comhair a dhá shúil dhá mba léar dó é. Níor léar, mar bhí na beithigh úmuithe beagán ó a chuaigh sé soir roimhe sin /

Fasair: Ainmfhocal, Buineann; [níor chuala mé aon-chlaochló tuisil air]
Fasair: (i) i leabaidh "easair" — f sciorrach, (ii) láithreachán de rud ar bith a bheadh scarha amach ar an talamh. (iii) foracún; go leor. (iv) brabach bantáiste, bun.

Bhí fasair thuí ar an talamh agam agus mé ag súisteóireacht san am a dtáinig sé isteach in mo mhullach (fc. easair) / Nuair a bhíodh fasair den choirce scóthbhuailte i gcomhnaí aige, diabhal blas a níodh sé ach cuid de a cháthadh agus é a chur i máilín inganfhios. Soir chuile oíche annsin agus "cruit" choirce air, l'aghaidh óil / Cuir síos fasair eile mhóna ar an teine /[Tá fasair mhór feamainne isteach = í in a brachlainn san gcladach / Tá fasair eile sprémhóna in a scaradh thoir annsin thoir fós againn / Is diabhlaí an fhasair fhataí atá ar urlár an chró sin amuigh fós, dhá mbeidís cruinnithe idteannta a chéile in aon-chlúid amháin / Bhí fasair leabhra agus pháipéir scaiphe amach ar fud na sráide ann. Go deimhin b'obair thuatach í, cébrí cé a rinne í]/ Tá fasair aoil annsin amuigh ag an mbinn fós. Go deimhin níor mhór é a bhailiú agus a chur in áit eicínt as an mbealach / Is diabhlaí an fhasair phínneachaí atá agam. Shíl mé nach raibh ann, ach má bhí sé pínne /[Tá fasair oinniúin annsin amuigh. Thuit siad den chlaidhe / Cuirfidh mé fasair eile den bhuidéal seo ar mo chois = cuimilt eile de bhuidéal a mbeadh íce ann / Cuir fasair eile den rud sin faoi do shúil = duine a chuirfeadh "foghairt" bhuidéil faoin a shúile / An dtiúrfaidh mé fasair eile den tsnaoisin seo dhuit? / Cén chiall nach mbeadh sé indon fasair a dhéanamh dhíob, má choinníonn sé leo = fear ag díol fhaochan; bantáiste; bun]/ Rinne sé fasair de mhóin anuiridh. Dhíol sé as cionn fiche leoraí / Ag iarraidh fasair a dhéanamh a bhí sé de rith agus de léim, agus chuir sé an chrúib san scipéad. Nach maith a rugthas air in a dheidh sin! / Uair ar bith a mbíodh ocras orainn fadó dheamhan ceó a dhéanadh muid ach fasair fhataí a bhualadh síos san splainnc. Ní fheicfeá gasúr ar bith ag róstadh bruineógaí anois. Tháinig críonnacht do ghasúir ó shoin. Sin, nó d'imigh an goile uatha. Dheamhan a fhios agam nach hé an goile fhéin atá dúinte. Dúinte ag tae agus ag beatha mí-fholláin /

Freastal: Briathar, Ainm Bhriathar. [Mar bhriathar: "d'fhreastail"
an Aimsir Chaite, ach ní minic a bhíos sé in a Bhriathar Choimsí]
Freastal = ag fríothail ar; ag tabhairt na rudaí a theastódh
uaidh d'oibrí, do cheardaí, d'othar, do chuisliméara i siopa agus rl.;
ag réiteach, ag beathú; ag cur rud ar fáil; ag géilliúint do … ;
ag cur rud i ngníomh; ag dul i gcionn oibre go cóiriúil etc.

Tá díol mo fhreastail agam; ní bheadh a fhios ag aonduine céard a bheadh
agam ó dhíol mo fhreastail amach [fc. díol] / Tá sí thoir san ngarraí ag
freastal ar Ph. Tá sé ag cur fhataí = san gcás sin, ní dhéanfadh P. ach
obair na láighe. Scarfadh sise an fheamainn agus an t-aoileach agus na síolta /
Is beag na fataí a chuirfeas fear mara bhfuil freastal aige (
d'uireasa freastail, gan freastal) /[An bhfuil aonduine ag ag freastal
ort (dhuit), nó an gcaitheann tú féin aoileach agus síolta a scaradh? / Is
beag an freastal a fhéadas an bhean a dhéanamh san ngarraí nuair
nach bhfuil aon-duine aice le fanacht istigh igcíonn an dá
pháiste / Dheamhan fata dhá ndeachaidh idtalamh anuiridh nach
hí a rinne an freastal / An bhfuil aon-duine ag freastal
agad. Ní mórán a chuirfeas tuíodóir gan fear freastail]/
T'anam ón diabhal teirigh thú fhéin ag cur (: na tuí) agus tabhair
M. ag freastal ort = ag slamadh na tuí dá tabhairt suas
an dréimire, ag déanamh baibíní agus rl. / Tá sé le pláistéara
a fháil, agus le J. a thógáil ag freastal air /[Níl freastal ar bith
ag an saor atá ag déanamh tí Mh. / Is beag is aite len a
fir cheirde sin é, mara bhfagha siad daoine ag freastal orra /
Níl ag tarraint na gcloch ach carr amháin agus beirt ag
freastail = dhá líonadh, dhá fhalmhú etc / Bíonn triúr ag
freastal ar an trasher = "helpers" / Is beag de lucht na
"leoraís" sin nach mbíonn fear freastail aca]/ Sí a fheicim ag
freastal san siopa anois = ag tabhairt na n-earraí do na
cuisliméaraí / Cé a bhí ag freastal san siopa inniu? / Níor
mhór triúr ag freastal san siopa úd nuair a bhíos an chruadh-
óig mór / Ní féidir le C. a dhul amach. Caithfidh sí freastal ar
an gceann atá tinn = gach rud dhá bhfuil uaidh a thabhairt

dó. / Bhí muid fhéin tinn cheana, agus ní raibh duine ar bith le freastal orainn / Má siúd í a bhéas ag freastal air muis, beidh sé gan freastal /[Sí inín Sh. Bh. a bhíos ag freastal tí Sh. anois. Chaithfeadh sé gur lasc an cailín eile léithe = in a cailín aimsire / Nach mór a theastaíos cailín uaidh. Shílfeá nach hé an oiread oibre atá aige, agus nach ndéanfadh sé fhéin agus an bhean é. Ní mór dó lucht freastail (: searbhóntaí)]/ Bhí T. amuigh ag freastal ar bheithigh nuair a tháinig mé ann = ag tabhairt rud len ithe dóibh, dhá gcur ar stábla, dhá mbleán etc. / Tá an oiread eallaigh annsiúd agus gur deacair a bhfreastal / Is measa dhom freastal ar chearca ná obair mo thí uiliog / Ní dhéanfadh an saol freastal ar pháistí bail ó Dhia orra / 'Ar ndú caithfidh duine eicínt fanacht istigh le freastal don teach = le obair an tí a dhéanamh agus é a chumhdach / Gabh anois agus déan thú fhéin é, más breá leat /[Ba mhaith leat duine a fháil a ghabhfadh ag freastal ort!]/ Is deacair freastal do chuile rud = gach obair nach mór a dhéanamh a dhéanamh; cánachaí, luach beatha etc. a íoc agus rl. /[Tá teacht isteach mór aige, ach má tá féin m'anam gur deacair freastal do chuile rud dhá mbeidh ag glaoch ort, ar an saol seo / Go deimhin ceannóidh mé "bicycle" duitse! Ní theastódh uaim ach sin! M'anam dhá mbeinn indon freastal do 'chuile rud eile dhá bhfuil ag glaoch orm, nach mbeadh mórán cás agam faoi "bhicycle" duitse]/ Tá cíos ag teacht anois agus caithfear freastal dó (: a íoc) / Is againn a bhéas an sagart i mbliana, agus m'anam go bhfuil ar ndóthain eile thairis le freastal againn = tá díolaíocht seachas costas an tsagairt len íoc againn / Caithfear an rabharta a fhreastal anois, nó ní bheidh aon-leasú againn = an rabharta a thapú [ní ro-mhinic a bhíos sé in a Bhriathar Neamh-Aistríoch] / Caithfidh an gobadán an dá thráigh a fhreastal = dhá rud, dhá obair etc. a dhéanamh in éindigh / Sin fear atá ag iarraidh an dá thaobh a fhreastal = tá greim an dá bhruach

aige = is caimiléara nó feimíneach é / Sin é an chaoi a raibh
sé sin ariamh. Ní bheadh an diabhal suas leis. Ag iarraidh an
dá thaobh a fhreastal i gcomhnaí / Seachain thú féin orra sin,
liomsa agus leatsa agus liomsa aríst. I gcomhnaí i gcomhnaí ag
iarraidh chuile dhuine a fhreastal /[Ní bheidh mé indon an
portach a fhreastal chor ar bith imbliana = mo dhóthain móna
a bhaint agus a chrapadh / Caithfear an tsochraide a fhreastal hébrí
céard a dhéanfas tada / An gceapann sé go bhfuil tada ar
m'aire ach a ghnatha seisean a fhreastal = freastal dhá
ghnatha-seisean = a dhul agus cúnamh a thabhairt dó len a chuid
oibre a dhéanamh]/ D'fhreastail siad don teach seo nuair
a bhí an t-anshógh ann, agus sé an rud is lú dúinne anois an
chumaoin a chúitiú leo. / Freastalaíonn sé go maith do
ghnaithí daoine eile, ach ní fhreastalóidh sé chor ar bith dhá
ghnatha fhéin [níl an chiall "attend a class, meeting" ann,
ach cho fada is féidir an t-adhmad sin a bhaint as na
somplaí réamhráite] /[Sé a bhíodh in a fhear freastail
ag an duine uasal a bhíodh annsin thoir = searbhónta, seirbhíseach /
Tá an oiread mná freastail agaibh ann, bail ó Dhia
oraibh, agus a bheadh in "aon-hotel" istigh in Gaillimh]/

Feothan, Feochan: Ainmfhocal, Fireann = gála maith; stoirm; gaoth dheannachtach;
stolladh maith gaoithe; farradh mór; leathghála ar an bhfarraige etc.
[Is iomdha leagan ar an bhfocal: feothan (f ʼ ōn, f ʼ ōhəɴ) thríd Chois
Fharraige agus an chuid is mó de Chonamara. Ach mar sin fhéin "lá fearthainne
agus feóchain" adeirtear, agus "teine fheóchain" (Camas, Rosmuc etc.) cé go
gciallaíonn "feóchan" freisin withering agus rl. Tá "feó", "feóchan", agus
"feóthan" in Árainn. "Feóchan" amháin a chuala mé ar an Achréidh, agus
sén focal is coitiannta ar ghaoth mhóir nó ar stoirm ann é.
Tugtar "feóchan" nó "feóchan gaoithe" amanntaí i gCois Fhairrge
ar ghionnóid (dionnóid) nó ar dheóladh bheag gaoithe a bheadh ag árdú, agus
gaimh ag teacht inte. Ach níl ann ach leagan eile ar "beochan" .i. "freshening"]

Tá an oíche glanta amach 'un feothain (chun feochain: Achréidh) = cuma ghála

nó stoirme ag teacht air / Tá an bháisteach stopha agus é glanta amach chun feothain ar fad. Diabhal a fhios agam nach séideadh in a stoirm a dhéanfadh sé. Níl aon-deagh-ghothadh air / Árdóidh sé in a fheothan = tiocfaidh gála / "Tiocfaidh stoirm, tiocfaidh feóthan; tiocfaidh gaoth mhór agus fearthainn.
Imeóidh an solas do na réalta, den ghréin agus den ghealaigh" [as dán diadha a thosaíos: "Trí scóir a bhí an Naomh Joseph"] / D'árduigh sé chun feóchain as sin go maidin. Bhí daoine in a suí ag ceapadh go mbeadh tithe ag fuadach / Tá linn mara dteaga sé chun feothain agus chun gaoithe móire / "Trí ghaoth gála; trí ghála feothan; trí fheothan gaoth mhór (nó stoirm); trí ghaoth mhór (stoirm) haraícéin (hurricane) = comhairtear an ghaoth mhór igcomhnaí níos láidre ná feothan .i. "oíche na Gaoithe Móire" (1839) /[Ní raibh baol ar bith ar na hoícheanntaí eile a bheith cho dona léithe maran ag dul chun feothain atá sí. Tá an ghealach an-scanruithe, agus í caite ar cúl a cinn siar adtuaidh]/ Rinne sé campa ar an muirbigh annsin thíos, agus bhí na gasúir aige ann. Bhí go maith nó go dtáinig droch-oíche. Thug an feó uaidh an campa, agus bhí sé ag dúiseacht tithe agus é in a dhamhadh réag. Dheamhan snáth a bhí air nach bhfáiscfeá = gála; gaoth láidir [thug an t-Árannach céanna "feóchan" uirre cupla nóiméad in a dhiaidh sin] /[Dhá dtigeadh feó ort san sunda sin is deacair a theacht i dtír. Sí an fharraige thír' is measa i gcomhnaí]/ Bhí feóchan ar an bhfarraige inné. Curachaí a bhí thiar in Árainn Mhóir, d'fhéach sé iad a theacht aniar / Is minic le na glaschuanta sin feóthan a bheith orra. Siad na cuaifeachaí sin is measa / Tá sé in' fheóthan mhór (ɴ ′ōn) = tá sé in a ghála, in a stoirm / Ní fhágfaidh sé déas choirce gan scuireadh.
Tá sé in' fheothan mhór /[Dheamhan puth a bhí ann go dtí an seacht a chlog. Shílfeá gur ghéaruigh sí (: an ghaoth) annsin. Ach idir an naoi agus an deich bhí sé in' fheóthan mhór. D'aireóchtha an teach dhá shníomh / Ba shin í Oíche an Fheothain Mhóir = Oíche an ghála mhóir; oíche na Stoirme]/ Oíche an Fheothain Mhóir ceathair nó cúig de bhlianta ó shoin, ba shin í an oíche thar oícheanntaí an domhain a raibh sé annseo. Bhí sé líonn-

ruithe, mar tá an-fhuagairt ar ghála ag na teach seo / Dar príosta má mhaireann di is gearr go mbeidh sí in a hoíche an fheóthain mhóir / Ghabhfadh sé sin un farraige lá an fheóthain mhóir. Níl tada indon a choinneál istigh /[An gcuimhníonn tú ar an lá fadó a rabhamar ag teacht as G. agus dhá "bhicycle" againn. Fuadaíodh thusa suas bóthar na bhF. Ba shin é lá an fheóthain mhóir ar chaoi ar bith / Lá fearthainne agus feóchain a bhí ann = lá doininne agus gála = bhí gála agus báisteach ann i gcuideacht / M'anam nach bhfuil sé cho hantlásach agus go gcorróidh sé amach lá fearthainne agus feóchain. Tá na boínn le teine aige faoi seo, cheapfainn / Fanadh fear istigh lá fearthainne agus feóchain. Is iomdha lá thairis aige. Dheamhan maith san obair, má bhíonn duine as a shláinte / D'fhéadfá lá fearthainne agus feóchain a thabhairt air. Ní leigfeadh an lá céanna luch as poll ná diabhal as Ifreann. Ba daor a cheannuigh mise an lá sin]/ 'Ar ndú ní lá fearthainne ná feóchain é le go bhfanadh sé istigh ag buachailleacht na splainnce inniu. Scáth an brádáinín báistí sin. Séard a dhéanfadh sé maith dhó! Is truagh ghéar nach raibh sé suas le mo línn-sa (: nuair a bhí mise in m'óige) / Sin scail fheóthain (scaltrachaí feóthain: Cois Fhairrge) = sin teine fheóchain (: Camas) = scaltracha a chaitheas sé le linn gairfin, nó ag tuaradh gairfin agus glas aimsire. Ní bhíonn tóirneach ar bith leo / Gheobhaidh tú tuilleadh breac-aimsire. Tá sé ag caitheamh scaltrachaí feothain anocht / An bhfaca tú an teine sin? Teine fheóchain í. Níl aon-deagh-uair fós air / [B'fhéidir gur ag athrú na haimsire atá na léasáin sin. Ach m'anam go sílim nach ngabhfaidh sé ar dheagh-uair go ceann scathamh eile. Tá "seó" scaltrachaí feóthain dhá chaitheamh aige]/ Cluasa feóthain atá agadsa = duine a mbeadh cluais bhodhar aige, nó b'fhéidir nach mbeadh sí bodhar chor ar bith ach nach bhfeilfeadh dó rud áirid a chloisteáil, agus go leigfeadh sé chun neamh-áird é / Tarraing an cuaille de chluais sin agad. Cluasa feothan atá ort. Nach neamh-áirdiúil an chaoi a bhfuil tú! /[An bhfuil tú ag éisteacht a chluasa feothain? Cogaram seo i leith!]/

Feóthannach: Aidiacht as feóthan = garbh; gála maith ann; gaofar.

Tá sé feóthannach go maith anocht. Níor mhór mapa (mata) leis an doras ó thuaidh sin. Tá an tseóideadh isteach ann. Measann tú an bhfuil mapa ar bith san tír anois? / Trathnóna feóthannach é. Is fhearr sin fhéin ná báisteach. Ba bheag an braon báistí a chaithfeadh sé anois, nuair a bheadh dubhachan amuigh / Aimsir fhuar fheóthannach idir dhá Nollaig a bhí innte /

Feó, Feóchan, Feóite, Feódhann; Feósaí agus rl.
Feó, Feódhann etc: Briathar = seargadh, slabhcadh, críonadh.
triomú, spalpadh, ruadh-dhóghadh, tréigeadh, ruadhchan etc.
Feósaí: suaite, críonta, droch-bhreathnaíoch, bán ghnéitheach, meath-thinn.

Tá na dasachaí ag feódh ó a tháinig an chreatalach seo. Seo í an ghaoth ruadh anois / Tá feó ann = feochan, feothan (fc. feothan] / Shílfeá nach mórán feóchain atá ar na fataí seo thíos fós, [th'éis nach ndeacha sprae ar bith orra. Ach is amhlaidh a bhíos sé: an té a mbíonn an t-ádh air fhéin, bíonn sé ar a chut agus ar a mhadadh / Dar diagaí, is mór a d'imigh na billeogaí de na crainnte le cupla lá. Tá siad feóite ar fad. Sé an stolladh seo atá indon aca]/ Na pabhsaethe a chuir mise annsin amuigh, rinne siad buinneáin idtosach, ach shlabhc siad annsin. Maran cheal uisce é. Tá siad feóite ar fad anois, ar chaoi ar bith / Nach bhfeiceann tú go bhfuil an féar féin ag feódh leis an spalpadh gránna seo /[Chonnaic mise anuiridh leathtaobh de na sceacha feóite agus an leathtaobh eile glas. Is fada ar an saol mé agus dheamhan a bhfaca mé a leithide de rud cheana / Ara diabhal barrann a tháinig thrí thalamh ariamh ann. Bhuail an sioc iad, agus d'fheódh siad uilig]/ Duine beag feósaí é = caite, droch-bhreath--naíoch, bánghnéitheach; duine a bheadh meath-thinn / Tá aithne mhaith agad air siúd: reanglamán mór feósaí caite / Níl dreach ar bith uirre: tá sí an-fheósaí. Ach bíonn na mná puncánach sin ar fad amhlaidh, ar a theacht abhaile dóibh. Cuireann an tír seo a ndath fhéin aríst orra, cuireann sin /

Fiata: Fiatúil: Aidiachta = (i) iata le f sciorrach = otruithe; reamhruithe

oiltiúil. (ii) bog, séimh, neamh-bhorb, leamh. (iii) gan a bheith acmhainn -each ar mhórán a ithe ná a ól [deirtear "fiata", agus "fiatúil", ach "iata" ar fad atá i gcéill (i) in áiteacha i Camas, Rosmuc]

Duine fiata é (fiatúil) anois. Reamhruigh sé go mór ó a chonnaic mé go deireannach é (fc. iata) / Tá sé cho fiatúil agus nach bhfuil sé indon mórán a ithe = duine so-thóighe / Nach fiatúil é agus é ag cur suas don ól mar sin. Shíl mé go n-ólfadh sé siúd bleánach mhaith / Beannacht Dé dhuit! Nach bhfuil sé cho fiata agus nach bhféadann sé tada a ithe /

/[Is fiata go fada an féar atá ar an gcúilín thoir ná an féar láidir sin abhus = is séimhe, is boige é; níl sé cho láidir leis an bhféar abhus / D'eirigh mé leis an lá maidin an lá cheana, agus chuaigh mé suas inGarraí Th. Bhí sé breacha le coiníní ag ithe geamhair. Airíonn siad an geamhar óg siúd fiata = séimh, gan a bheith bríomhar / Níl an fheamainn bheag sin i mbarr cladaigh, baol air cho teangmháilte leis an bhfeamainn atá síos ar an íochtar. Feamainn fhiata í]/ Tá an tuí sin fiata thar do chuidsa = séimh / Tá blas fiata ar an rum. Níl sé cho searbh ná cho géar leis an bhfuisce = is neamhbhoirbe é le n-ól, ach tá sé leamh mar sin fhéin, agus b'fhéidir gur troime ar dhuine é; blas domblais / [Is fiata an fuisce a gheobhfá tí P. Bh. go mór ná fuisce Bh. Is fhearr a thaithneódh sé le go leor, ach chítear dom fhéin go bhfuil sé buille leamh / An deoch fhiata é an "gin"? Níor ól mé ariamh é. Deochannaí cuideáin domsa ar fad iad cés moite den fuisce, agus den phórtar]/ Tá an mhuicfheoil sin breá fiata, ach bhí mairtfheoil annsin an lá cheana agus diabhal mé nach bhfuair mé blas ar bith uirre. Bhí sí an-cheasúil, agus an-tromchroidheach go deo /

Fórsa: Ainmfhocal; Fireann = neart; spreacadh; teannadh; láidreacht, corpneirt, stró, iarrachta etc.

Cuirfidh sé an dúradán dubh atá ar íochtar a phutóige amach le teann fórsa oibre / Shníomh sé é fhéin le teann fórsa / Bhain an fharraige an chloch sin le teann fórsa / Chuir sé an capall isteach an doras le fórsa. Ach má chuir bhris sé a hasnachaí. Sin é a raibh de bharr a chuid uafáis aige /

Fleascach: Ainmfhocal, Fireann [Tuiseal Gairmeach: a fhleascaigh
(: ə lʼasgə). Tá an gairmeach an-choitianta i gcaint. Is minice fleascach
i gcaint an Achréidh ná Chonamara anois [mar ainmneach], ach tá sé
tréan go maith fós is gach uile áit]
Fleascach: buachaill nó cailín ag teannadh leis an scór nó ó chúig bhliana déag go dtí
bliain agus fiche nó mar sin; duine aerach nó bainte; "cailleach", "cladhaire",
duine místuama nó duine a bheadh ciotach nó tuatúil ag déanamh rud;
beitheach a bheadh meanmnach, contráilte, bradach, macnasach, nó tughar-
ach do theasbach nó d'fhíbín; pleib, bobarún

Anois a fhleasca(igh) leag air! = anois a "chailleach", a "chladhaire", a dhiabhail!
= déarfaí le duine é a bheadh i muinín a chroí agus a chruite in éadan obair
sháruithe .i. ag caraíocht, ag iarraidh beart a árdú, ag iarraidh marc-
aíocht a bhaint d'asal nó de chapall, ag rith indiaidh duine eile, ag
bualadh báire nó peile, ag argóinteacht agus rl. / Ara a fhleascaigh
cár fríodh thú chor ar bith! Cuimnigh ar t'athair! Ab shin é a bhfuil de
mhaith ionad? /[Anois a fhleascaigh deasuigh isteach faoi agus tabhair cor
coise dhó! / Bain as a fhleascaigh agus bí ag an mbóthar roimhe! / Ná leig
uait é a fhleascaigh, nó go mbeire mise air! / Fáisc ar marcaíocht
(maircíocht, adeirtear) air a fhleascaigh! / Buachaill a fhleascaigh!
Ciceáil chuig S. í. (liathróid pheile) / Buachaill a fhleascaigh!
Coinnigh leis iad ag bun an bhalla = mo chuach thú! Coinnigh an liathróid
"ailí" buailte ar íochtar an bhalla]/ Buachaill a fhleascaigh!
Sin é an chaoi le boc a thabhairt di (: liathróid bháire) / Tá
sé in am agad rud eicínt a dhéanamh. Bhíomar ag leigean
uisce isteach. Cáil do chíonán anois le lomadh? Buachaill a
fhleascaigh! Fáinne óir ort annsin! / Rith a fhleascaigh, agus tabhair
scéala dó seo thuas! /[Liam! M'anam gur fleascach maith é =
buachaill óg atá go maith ag obair etc]/ Tá fleascaí(gh) maithe
aige. An-rúpálaí oibre iad! Ní mór dóibh sin ar a shon seisean /
An uair dheireadh a bhfaca mise é, ní raibh ann ach gasúr, ach tá sé
suas in a fhleascach anois: fleascach slachtar de bhuachaill /[Cé
hé an fleascach de bhuachaill óg sin a bhí in éindigh leat, bail ó Dhia
ort? / Is diabhlaí an fleascach fir atá sé a dhéanamh le goirid]/

Tá fleascach d'inín aige cho slachtar agus a d'iarrfá a fheiceál /
Cé leis an fleascach mná sin siar? /[Tá fleascach d'fhear óg aige
anois. Is gearr go mbeidh sé siúd indon tuí shrathair a bhualadh air /
Fleascach aerach go maith é sin. Ní tada eile é. Tá sé dealuithe
leis chuile phuinnte a bhfuighidh sé an dóigh. Damhsaí! Deile! / Nach hé
an fleascach é atá bainte amach! A dhul siar chuig céilídh go dtí an
Ch. R. Nar mhaire sé a cheird muis!]/ Is dona an fleascach thú, mara
raibh tú indon an Domhnaillín sin a leagan. Déarfaidh mé le
t'athair an chéad-uair eile a bhfeicfidh mé é gan aon-arán
"bocstaí" a thabhairt duit níos mó! Sin é atá de do choinneál
siar / Is tú an fleascach! Nach diabhlaí nach ndéanfá é, má tá
do láimh ann, agus gan a bheith ag putráil leis mar sin. Tá tú cho
místuama agus a bheadh bó imbuidéal! /[Níl ann ach fleascach, mara
leigeadh an mhisneach dó bualadh faoin méid sin! Más mé féin nach
bhfuil deaslámhach chor ar bith, chuirfinn doras ar an gcró sin. / Ná leig é
sin suas ag déanamh na cruaiche. Níl ann ach fleascach. Beidh dronn
soir agus dronn siar uirre in a dhiaidh — agus 'chuile dhronn ach an dronn ceart. / Níl
ann ach fleascach timpeall ar "bhicycle". Milleann sé 'chuile shórt agus ní
leasaíonn sé tada / Fleascaigh bradacha atá istigh ar an mbaile sin.
Bhí sé cho maith dhuit a dhul ag ceartú do scéal do mhúille le
dhul dhá cheartú dóibh sin]/ Sin fleascach de bhó! Ní mian léithe
duine ar bith a leigean dhá bleán, agus nuair a tháilfeas sí fhéin,
ní móide go dtiúrfadh sí leath bainne dhuit / Nach diabhlaí an
fleascach d'asal é má tá sé leighe leis fhéin aríst. / Tá capall
aige agus ní tada í ach fleascach. Níl sí indon carr a thabhairt in
aistreán ar bith dhá fhánaí, nach bhfuil sí tuithe leis an truisle
atá inte. Ní bheidh lá sása(imh) aige uirre go deó go ndíola sé í /
Is mór an fleascach thú gan bhréig gan mhagadh má chinn ort an
feac sin a chur san láighe. Is olc an aghaidh bean a thabhairt duit! /

Floscaí: Ainm Fhocal; Floscaíocht: Ainm Bhriathar; floscuithe(?): Aidiacht Bhriathar?
Floscaí etc: gaisce; flasúlacht, gailimaisíocht; a bheith mórfhoclach. [Ciallaíonn
floscaíocht amanntaí, an chaint a bheadh ag feimíneach nó ag duine a bheadh ag
iarraidh a dhul i scath leith ort. Ní baileach gur feimínteacht é, ach bíonn roinnt

den fheimíneacht nó den bhéalchrábhaidh nó den "tartuffisme" ann.

Tá go leor floscaí aige = gaisce; a bheith "mór fhoclach"; gaisce a dhéanamh as a shlí, as a chuid airgid, as a chuid cloinne, as a chuid oibre nó as a fhlasúlacht / Dá dtugadh floscaí duine do na Flaithis, is maith árd ann a bheadh sí /["Tá fuigheall na fuigheall san teach sin thíos" adeir sí. "Dhá mba é an duine ab fhuide amach uainn san tír a chasfaí againn, gheobhadh sé óstachas lá nó mí uainn, ní áirím mo dheárthair". A Dhia láidir! Nach aice atá na floscaí!]/ B'éigin dom imeacht. Ní fhéadfainn éisteacht len a chuid floscaíocht: a bhfuil de mhóin bainte aige, a bhfuil d'fhataí curha aige, cho maith agus atá a chlann ag an scoil. Ní mór dóibh sin muis ar a shon seisean. Ní raibh aon-dallarán ba mhó ná é san scoil nuair a bhí sé ag dul ann /[Floscaíocht bhéil uiliog é, agus chuile dhuine dhá mhuinntir / Tá an fhloscaíocht bhéil sin breá go leór! Ag moladh na mná anois nuair atá sí san gcréafóig. Ní dhéarfadh muinntir na mná muis, go raibh seisean in a dheagh-ceann di, agus í beó]/ Dheamhan dochar ann, ach a bhfuil de fhloscaí mar sin aige. Níl fear ar bith beó is túisce a dhéanfadh soilíos duit ná é. Ach is deacair do dhuine stuaim a choinneál ar an bhfoighid scaití ag éisteacht leis ag floscaíocht / Duine floscuithe é (floscaí?) = duine gaisciúil / Sin é an chaint a bhí uirre muise, gur thug sí luach deich bpunt de shean-éadaigh agus de shean-bhróga do bhean an tincéara. Dhá mba duine floscuithe mise, séard adéarfainn léithe gurb í mo mháthair a choinnigh éadach uirre, nuair nach raibh falach aice le cur ar a craiceann. Ach tá na caisleáin ag tuitim agus na carn aoilíoch aí ag eirí /[Tá do dhá dhíol floscaí agad ar fad. Má tá do chlann cho fíriúil sin, cáil an obair déanta aca. Tá dáréag agus píobaire agaibh ann, agus diabhal mé go bhfuil an oiread deargadh talúna déanta agamsa lib, agus mé aonraic]/ Éist leis an bhfloscaíocht, agus leag amach na puint seo ar fad atá agad annsin ar an mbord, leagfaidh mise amach punt ar an bpunt leat, agus níl floscaí ar bith agam. Ach má bhíonn tusa an punt fhéin uireasach, dheamhan brat pósta a ghabhfas ar m'inín le do mhac go héag. That is it now boy! / Is furasta dhó floscaí fhéin a bheith aige nuair nach ndéanann sé díolaíocht le aonduine. Dhá n-íocadh sé sin a bhfuil d'fhiacha air, ba bheag na floscaí a bheadh aige faoin a chuid airgid, mar ní mórán dhe a bheadh aige!

Fód, Fóidín, Fóideóg, Fódú etc.

Fód, Fóidín: Ainmfhocla: Fireann; fóideóg: Ainmfhocal: Buineann.

Fódú: Briathar = fód nó créafóg a chur i mullach rud.

Fód etc: (i) cion sleáin de mhóin; an méid den mhóin a bhaineas tú le gach iarraidh den tsleán (ii) gruadh na talúna; sraith den talamh; creáfóg, cré, láthair, ball, áit, etc. [is éiginnte an chiall atá le fóideóg ná le fód nó fóidín. Cialluíonn fóideóg go hiondúil, fód mí choimseardha móna, spreab mhíchoimseardha den láighe, toirteógaí beaga etc. Is mó é ná "fód" ná "fóidín". Dar ndóigh is créafóg nó sraith den talamh i gcoitinne a chialluíos "fód" go minic.]

Níl fód móna san teach / Níl bainte aige ach dhá fhód = beagán móna / [Céad slán don tsaol a mbíodh an dá fhód móna faoin ascaill againn ag dul chuig an scoil / Níl aon-fhód (móna) tirm ag gabhail liom fós / Dheamhan fód ná caorán (móna) aige anois / Dheamhan aithne fód ar bith ar an móin atá san mbarr íochtair annsiúd. Ní féidir a múnláil]/ Baineann sé in a fóideógaí móra í (: móin), agus ní thriomódh grian na nInniachaí in a dhiaidh í / Seo píosa den fhód seo dhuit = cáca droch-fhuinnte / Tabhair gróigeadh na dtrí fhód uirre = trí fhód móna a chur in a seasamh in aghaidh a chéile / Shílfeá gur fóide (iolraidh) móna a bhí in a láimh aice / Cé mhéad fód é an binnse (: ar leithead)? / Deich bhfód atá an portach se'aghainne: deich bhfód ar domhainn / Thosuigh mé inniu (: ag baint móna). Beidh mé ag baint fóidín asti anois de réir mo láimhe / "Fóidín isteach: fóidín amach: tá Sorcha ag teacht leis an dínnéar" = fear adúirt, a raibh meitheal aige ag scaradh móna / Tá an mhóin sin faoi leathfhóide ar fad = briosc; gan na fóide in a méid fhéin, ach iad níos mó ná caoráin / Spréidheann sé an chlaise idtosach agus an chaolfhóid(? caolóid?) annsin = an méid d'iomaire ithreach a d'fhágfaí in a seasamh nuair a leagtar bruachanna le haghaidh arúir. Ní bhíonn sí ach troigh ar leithead / "Ní heire (oireamh) go caolóid agus ní fíodóir go súsa" / Tá sé ag baint fhóid annsin thíos, mara l'aghaidh márla atá sé aige = scrathacha a bhaint de ghruadh na talúna; an tsraith

uachtair creafóige a bhaint den talamh / Cuireann siad fód ar na craga in Árainn. É a thabhairt ar a ndruim aníos ón muirbhigh / Tá sé ag cur fód ar an leic siúd ag ceapadh go ndéanfaidh sé garraí ann. Dheamhan garraí muise go héag /[Bhí an t-asal dhá bháthadh san gcíocra air, agus é ag cinnt air a tharraint. "Tá sé réidh a Bhríd" adeir sé. "Buail feamuid fód air" = a fhágáil ann agus a chur / Chreidim go ndeachaidh fód ar Sh. fhéin inniu, go ndéanaidh Dia grásta air = gur cuireadh é san uaigh / Dheamhan amach a ghabhfas sé aríst go dteighe fód air]/ Chuir siad é! Níorbh fhearr leó fear a mbeidís ag bualadh fód air! = níor bfhearr leó fear a bheidís a ánlacan / Tá mé go dona ach feicfidh mé fód ortsa fós! /[Meastú cé aca is túisce a chaillfear? M'anam go gcuirfidh S. fód ar J.! Cuirfidh mé geall leat go gcuirfidh = beidh J. básuithe roimh S.]/ Chuir siad clocha agus fóide ar mo stór = bean ag caoineadh a hiníne / Chuaigh fóide (fód) ar mo stór inniu. Ní raibh sé san mbaile ariamh go dtí anocht / Nar ba fada go bhfeice mé leac air, agus go gcuire mé fód air! = eascainí comharsan ar chomharsa eile /[Nar ba fada go bhfeice-amuid fód ar an gceann céanna, arae támuid reiche sceannta aige! / Ara tá sé faoi na fóide (faoin bhfód; ach faoi na fóide is mó adeirtear) le na cianta = curha; san gcréafóig / Is gearr gur faoi na fóide a bhéas sé, nó is maith an t-ádh atá air / Seas fód anois = ná fág an láthair; cuir ar do shon fhéin; déan troid / Anois a fhleascaigh, atá agad fód a sheasamh má sheas tú ariamh é. Aire dhuit! / Níl aon-ainm thoir ná thoir nar ghlaoidh sé air. Thomhais sé na dornaí leis freisin, ach ní sheasfadh an ceann eile fód]/ An bhfuil a fhios agad cé a tháinig ar an bhfód, an puinnte céanna ac J. Ceann an réitigh, arsa tusa! = i láthair, san áit a rabhamar / Tháinig mé féin ar an bhfód le linn na sáraíochta / Dhá dteagainnse ar an bhfód in am, ní mar bhí a bheadh. Dheamhan a dtiúrfainn cead dó S. a bhualadh / Sén sórt ballaí a bhí ar an teach aige, ballaí fóid = ballaí scrathachaí nó créafóige / Rinne sé bráicín beag annsiúd thuas agus balla fóid air / Claidhe

fóid atá sé a chur ar an ngarraí. Shílfeá go mb'fhearr dhó móta = claidhe scrathachaí / Ní sheasfaidh an claidhe fóid sin achar ar bith feadh's na scrathachaí tabhairt uatha. Ach sin é a ghníos sé i gcomhnaí / "Áit an chinnire thiar chun deire (: deire na seisrí), agus é ag tógáil an fhóid gan aon-tuirse" ("agus é ag tabhairt an fhóid leis aníos ó ghrinneal") = treabhadóir / D'aithin mé ar an bpuinnte gur ag baint fóideógaí chuig (ag) an scéal a bhí sé" = "ag baint fóide nó spreabanna" = ag tosaighe ag tarraint anuas an scéil, nó ag leigint an scéil chugad = "broaching the matter" / [Ná bí ag baint fóideógaí chor ar bith anois, ach abair amach a bhfuil le rádh agad. Ní call a theacht ar bhoird chuige chor ar bith / Ní dhéarfaidh sé amach leat é gan frapa gan taca chor ar bith, ach tosóidh sé ag baint fóide ag an scéal. Caithfidh sé an-fhada sul má tharraingeós sé anuas ceart é / Cho luath agus a thosaigh sé ag baint na bhfóideógaí, bhí a fhios agam féin cén froisín a bhí in áirid dom, agus chrap mé liom ar an toirt. Ghlaoidh sé orm cupla uair, ach níor leig mé orm fhéin gur chuala mé beag ná mór é. / Ní raibh mé achar ar bith ag caint leis, nuair a thosaigh sé ag baint fóide faoin "bpump". Ach d'fháisc mé fhéin ag maircíocht ar an "mbicycle" agus d'fhága mé annsin é. Síleann sé fós gurb agamsa atá sé]/ Ní raibh fód ar bith san roillig sin thoir shul má dúineadh í. Nach mbíodh na conrachaí nochtuithe? Ní raibh aon-dhomhainn chreafóige inte / Tá neart fóid l'aghaidh láin san ngarraí siúd. Tá agus créafóig sprosach / Is beag fhód atá san ngarraí siúd chor ar bith. Talamh an-tanaí é. Tá bonn cloch faoi /[Tuige dhá gcuirfinn an garraí sin. Ní mór dó sin craiceann a fhágáil air go ceann cupla bliain eile. Dhá gcuirinn anois é, sháródh sé mé. Níl fód ar bith ann = níl aon-domhainn chreafóige ann / Talamh breá fóid é an talamh sin / Ní bhíonn a rath fóid sna taltaí sin suas]/ Dheamhan ceó san ngarraí siúd ach fód na láighe = an-tanaí; tá sé cho héadrom agus nach bhfuil ann ach cho fada síos agus a theigheas láighe len a sáthadh san ngruaidh /[An barr garbh sin thuas agamsa, bhain mé dhá shaothrú turnapaí dhe, ach níor chuir mé faoi fhataí é. Níl fód na láighe fhéin

ann. Ag rith ar thanaíochan atá sé / Criathrach fuar uiliog é, agus níl fód láighe ann, ach an dóib sin faoi. Tá an-fhairsingeacht ann, agus maidir le sliabh, is ann atá a thabhairt amach. Ach an té a mbeadh seacht gcéad punt aige, b'fhearr dó a chur in áit eicínt eile, ná a dhul ag plé leis na screaballachaí údan]/ Sén grafa a mhill an barr baile annseo. Dhóigh siad grúadh na talúna uiliog, agus tá sé cho tanaí anois, agus nach bhfuil fód láighe fhéin ann / Mara dtugthá deich mbliana in a chraiceann don talamh sin, dheamhan fód na láighe a gheobh -fá ann / Tá sé ag tabhairt socrú beag ar an talamh siúd. Tá sé ag baint an fhód uachtair dhe agus dhá ionntú druim ar ais, ach go bhfuil sé ag fágáil na mboird mar atá siad / [Is foghail cheart atá sé a dhéanamh annsiúd. Cuirfidh sé an talamh ó rath. Ní chuirfeadh fear ar bith ach amadán an taobh dearg den fhód aníos ó thalamh íochtair mar siúd. Brioscóidh na boird uiliog feicfidh tú féin air / Má's leat an taobh dearg den fhód a chur as a chionn mar sin ná teirigh an-domhainn leis. B'fhearr dhuit gan a thabhairt leat ach screamhóigín bheag. Chuirfeá droch-rath ar an talamh]/ Tá sé curha againn ó fhad go dtí é. Níl fágha anois ach an leathfhód le claidhe = ceannfhearainn, nó stiall i ngarraí timpeall le claidhe. Ní bhíonn ann ach stuall chaol idtalamh ar bith a shaothruíthear le láighe /[M'anam nach leath-fhód a fhágas sé sin le claidhe, ach cion iomaire. Bíonn splannc ar a chraiceann igcomhnaí go mbeidh sé amuigh as garraí / Tuige nach siúileann siad soir ar an leathfhód le claidhe agus gan a bheith ag talltú na n-iomrachaí. Tá siad in a gcis ar easair aca, tá sin]/ Síolraíonn na bradáin ar an bhfód bealuithe sna haibhneachaí = fód talúna in aice le cloich shleamhain bhealuithe / Bain an fód marbh di = nuair a bheitheá ag tógáil claise srutha, bheitheá ag baint rod de thaobh na clasach. Sin é an fód marbh nó an barr-marbh. Clascannaí a bhíos i bhfad gan tógáil bíonn a dtaobhannaí foirghe leis. Thuitfeadh sé síos san gclaise leis an aimsir /[Ní mór dhuit an fód marbh sin a bhaint den chlaise uiliog. Sin é anois é. Tabhair bís isteach de thaobh na clasach]/ Níl sé ach ag

tabhairt cead don uisce rith. Ach beidh obair agus ath-obair air, nuair nach mbaineann sé an fód marbh den chlaise / Fód an ladhair = an fód ascalla (nó ascaille) = an fód a bhíos istigh le bruach i mbínnse móna. Sé a bhaintear an chéad uair / Sén sórt caoi a bhfuil a chuid sleádóireacht sin anois, dhá leigtheá síos i mbinnse móna é, ní aithneódh sé an fód ascalla ach an oiread leis an bhfód ciúis (: an fód atá amuigh ar cholbh an bhinnse). Chonnaic muid a leithidí cheana a chuaigh ag baint le sluaiste! Sin í corp na fírinne /[An fód ascaille, adeir tú? Ní sleádóir go fód ascaille a mhic ó. Aineólaí ar bith a ghabhfas in éadan an fhód ascaille, brisfidh sé an sleán leis mara mbeidh tú san áirdeall air. Ní mór a bhaint i bhfad níos téagaraí ná fód ar bith eile / Seachain tú féin le fód an ladhair nó camfaidh tú an sleán leis. Chítear dhom gurb éard a theastódh uaitse sleán a mbeadh lann ann. Sin iad na goití atá tú a chur ort fhéin ar chaoi ar bith. Is mór m'fhaitíos nach ndéanfaidh tú aon-sleádóir maith choíchin]/ Seo iad na fóide atá i gcréafóig: an fód uachtair nó an fód ar baic (sin é an fód atá i ngruaidh na talúna; an t-athfhód (: leac liath nó faoi ithir: sé atá faoin bhfód uachtair, nó sén dara sraith den chreafóig é); alúin bhuí, (san áit a bhfuil sí, agus sí a bhíos san athfód go minic) agus gaineamh ruadh, (ní bhíonn sé is gach áit ach oiread) agus dóib; an fód fiáin nó an fód beo (dabaí móra roighne de mhóin nó de mhianach móna nó de chré thámáilte é an fód fiáin. I mbarra garbha a bhíos sé, ach bíonn sé amanntaí idtalamh níos séimhe freisin, mara gcoinn-ítear saothruithe é. Tugtar fód beó freisin ar an athfhód scaití má bhíonn domhainn san talamh) /[Dheamhan ceo san talamh siúd ach an fód ar baic = níl aon-domhainn ann / Sé an fód beó an fód atá an-fhada síos san gclaise: an fód nar corraíodh cheana / Cuir aníos an fód beo. Tá maith ar leith ann faoi nar corraíodh cheana é / Gabhfaidh sé siúd síos san bhfód beo le neart díocais. Gabhfaidh a mh'anam, go gaineamh nó go cloich]/

Fód fiáin uiliog atá sna garrantaí sin thuas ar bharr an bhaile. Bhí mise cheana dhá gcur ag S., agus dheamhan a raibh faoi fhód na láighe ann ach dabaí móna. Chaithfeá an fód fiáin a bhaint ionta sin shul a dteagadh na dasachaí aníos, agus é a chur amach ar an iomaire, agus é a sceannadh agus a thalltú len a mhíniú. Níl aon-mhaith dhuit ann mara gcuire tú gabhail ar chur bharr an bhaile. Tá an talamh breagh sprosach anuas annseo.]/ Níor mhór dhuit an talamh sin a mharú le leasú le barr a bhaint dhe. Tá an fód fiáin ann / Chuir mé síos go maith san athfhód é, agus chlúdaigh mé air annsin / Níl maith ar bith dhuit má chuireann tú san bhfód ar baic é. Teirigh síos san athfhód leis. Tá glasriúchaí beag seaca fós ann agus dhóighfídís rud ar bith a thiocfadh ro-éascaidh thrídh thalamh / Chlúdaigh muid na síolta len a bhfuil do chréafóig ann, ach is ar a chruadhchúis dó an oiread athfhóid a fháil ann, agus a lánós dó iad / Spíontán uilig é an leathbhaile sin thiar. Níl an oiread athfóid ann agus a chlúdódh iomaire amháin fhataí / Ara cén chaoi a saothródh sé an leacach siúd. Níl innte ach screamhóigín thanaí. Leac uiliog agus ní athfhód atá fúithe /[Fóidín baic (fc. fód ar baic thuas) = (i) dhá mbeadh talamh bán agad a bheitheá le chur, agus gan aon-leasú a bheith air, agus é a tharraint amach in a iomrachaí le dorú: ciúiseannaí gach iomaire a shioscadh agus feirbín beag nó fóidín a chasadh ar éigin leis an láighe orra go mbeadh comhraíocht iomaire agus boird agad: sin fóidín baic (ii) tugtar freisin é — agus is air is mó a tugtar anois é — ar na leath bhoird a chastar ar na hiomrachaí i dtalamh bán bíodh an leasú ar an bhfód nó na bíodh]/ Tá sé ag casadh fóidín baic inniu = ag casadh isteach na mbóird leis an láighe gan na clascannaí a chur amach. Dhéantaí go dtí le goirid é le talamh idtús bliana / Ní fhaca mé aon-fhear ariamh a chinnfeadh air ag casadh baic (fóidín baic) /[Chaith an bheirt an lá a choimhlinnt (ag coimhlinnt) le chéile ag casadh fóidín baic. Má bhí fhéin dheamhan ionga ná orlach a bhí ag ceachtar aca ar a chéile / Cas thusa an fóidín baic, agus cuirfidh mise isteach na clascannaí]/ Caithfidh

tú an fód boird a sceannadh thairis sin = an fóidín baic; an fód a chastar isteach de ghruaidh na claise ar chiúis na hiomaire ar chaon taobh; bíonn dhá leathbhord is gach claise, agus beidh siad casta isteach ar chiúiseannaí an dá iomaire atá le hais a chéile (fc. bord) / An-fhear láighe é, ach ní mhíníonn sé na fóide boird chor ar bith. Is deacair don das a thiacht thrídh thalamh in a dhiaidh /[Na fóide boird atá iompuithe ann, d'fhéadfá a ndóghadh le triomach. Is beag an dochar dóibh agus an spalpadh gránna atá ann]/ Casann tú an fóidín baic ar fhataí atá tú a chur ar an bhfód. Fód boird é má tá leasú ann. Sin é adéarfainnse ar chaoi ar bith = [dúirt fear é seo liom, ach níl an t-idirdhealú seo ann níos mó] / Tá an fód boird in a dhiabhal le ionntú. Tá sreangannaí an diabhall ann. Sé an garraí is deacra a chonnaic mé go hiomaí é /[Dheamhan oinniún a thiocfadh aníos choichín thríd an bhfód boird san talamh craicinn sin. Baol orra! Fagh bráid dheas eicínt in do chuid ithreach agus cuir ann iad]/ Sin é an áit a raibh fód a bháis an duine bocht = an áit a raibh sé indán dó bás a fháil / Ní feasach aonduine cá mbíonn fód a bháis / Thuas annsin a bhí fód a báis an créatúr. Ní raibh sé indán ag Dia di go dtiúrfaí as í / Nach haisteach an áit a bhfuair sé fód a bháis, th'éis a liachtaí gábh a ndeacha sé thríd igcogadh agus eile / Dhá mbeadh a fhios ag duine cáil fód a mhíádh (fóidín an mhíádh) ní thaobhódh sé é = an áit a bhfuil an míádh in áirid dó / D'fhan sé as fóidín an mhíádh, agus bhí an tseamair Mhuire aige gur fhan / Dheamhan neart a bhí aice air. Sin é an áit a raibh fód an mhíádha di, agus ní raibh aon-ghoir aice fanacht as. Dhéanfadh 'chuile dhuine a leas ach nach mbíonn a fhios ag duine céard é a leas / [Fan amach as an teach malluithe sin. B'iomdha duine a raibh sé sin in a fhóidín an mhíádh dó. Sé a chuir P. Sh. féin ag caitheamh na miotán / Choisric tú do mhala agus gan a dhul ann. Sin é fód an mhíádh a dheárthair mo chroí]/ Ba é Meiriocá fóidín an ádh dhó ar chaoi ar bith [fód an t-ádh

: an tsáith? adeirtear go minic] = d'eirigh an saol leis ann /
Dhá mbeadh a fhios ag duine cá mbíonn fód an ádh; is ann a
ghabhfadh sé, ach ní bhíonn a fhios faraor / Lonnaíodh sé annsin, agus
ná cuireadh rud ar bith as é. Sin é fód an tsáith dhó. Tá an
saol ag féithiú leis ó a chuaigh sé ann /[M'anam gurb é an baile sin
fóidín an ádh di. Ó a rinne sí taithí ann, tá sruth agus gaoth léithe.
Meastú dhá bhfanaíodh sí san áit a raibh sí, an mbeadh mórán dhá
bharr aice?]/ Tháinig fóidín mearadh orm, agus dhá mbeinn ag dul síos
agus suas choichín ann, amach as ní thiocfainn = ciméar a
bhuaileas daoine in áiteacha, agus tosaíonn siad ag dul amú, agus
ní bhíonn siad indon eolas a dhéanamh. Tugtar "stray
sod" air i mBéarla na hÉireann /[Bhí fóidín mearadh san
áit chéanna ariamh. Dheamhan duine dhá bhfaca mé ag
teacht amach as ó a rugadh mé nach bhfeicfinn a chaipín
taobh bun as cionn air = deirtear go n-imeóidh an fóidín
mearadh dhíot, ach ball eicínt de do chuid éadaigh a ionntú
amach / Ba deas mé i lár Shráid na Siopaí (inGaillimh) agus
mo hata iompuithe amach. M'anam nach fóidín meara a bheadh
orm annsin ach go ndéarfaí gur imithe as Béal Átha na
Sluaighe a bheinn (as an ngealtlann)]/ Tháinig fóidín mearadh
air = bhuail fóidín mearadh é / Tá fóidín mearadh eicínt ar
a cuid beitheach i gcomhnaí, le nach bhfaghann siad garraí
ar bith amach ach garraí na comharsan! / Nach diabhlaí an
fóidín mearadh atá air, gurb é an teach ósta a gheobhfas sé amach
i gcomhnaí, agus nach hé teach an phobail! /[Tá fóidín mearadh
eicínt ar T. le goirid = fleasc, smál, nó mearúl; tá seafóid
nó dícéille ag dul dó]/ Is talamh aon-fhód é = bheadh a dhíol
fóid go díreach ann. Ní bheadh sé domhainn ach ní bheadh sé ro-thanaí ach
oiread; bheadh an oiread creafóige ann agus a chuirfeadh fód ar an
iomaire / Níl san talamh sin agadsa ach fód na láighe, ach is
talamh aon-fhód atá agamsa annsiúd thuas. Is ait an
talamh fataí é mo chuid-se. Níl cinneadh go deó leis / Níor
mhór ionnfairt mhaith fheamainne annsin, faoi go raibh sé faoi
fhataí athrú anuiridh cheana. Níl ann ach talamh aon-fhód, agus ní

dhéanfaidh sé aon-chúis gan an leasú / An gcuirfidh tú ar an bhfód iad? =
fataí a chur idtalamh bán, ní idtalamh ithreach ná idtalamh
socruithe /[Ní fhaca mé aon-fhear ariamh is líofa atá ag (chuig)
socrú talúna ná é. M'anam gur ar an bhfód a chuireas muid
i gcomhnaí iad, agus go mbíonn fataí againn cho maith leis]/ Ní
chuirtear fata ar bith annsin siar ar an bhfód — igcraiceann ná
eile. Tá a shliocht orra: bíonn fataí aca anois, ó thosaigh
siad ar an socrú. Dheamhan fata ar bith a bhíodh fadó ann
— cúr láin / Fóidín na hAille, Fóidín an Bhóthair, An Fóidín
= ainmneachaí garrantaí. Níl mórán doimhneacht san gcréafóig
ionta. Tá réimeanna den leic fútha / Tá sé ag fódú
meangals = na hiomrachaí a dhéanamh agus fód a chur orra,
sul a sáití an síol /[Tá sé ag fódú fataí = an cur:
an fód boird a ionntú agus na clascannaí a chur amach /
Tá stróic dhiabhalta fóduithe agad inniu bail ó Dhia
ort. / Meastú a bhfódodh fear an cúl thoir lá, dá mbeadh
an fheamainn scarha, agus freastal a fháil / D'fhóduigh
mise agus S. G. an dá cúl thiar de Gharraí na Sceach Bheag
lá cheana. M'anam gur le bheith ar ar mine ghéire dhuinn a
rinne muid é]/ Fódaíonn siad sin suas na fataí idtús
bliana ach ní chuireann siad aon-síol ionta, go dtí amach
idtús na Bealtaine. Sin é an cur idir dhá lán a thugadh
muide orra roimhe seo / Bhí sé ag fódú poll fataí ar a
theacht aníos dom = dhá chlúdú le creafóig; ag cur na
créafóige suas air le sluasaid nó le láighe / D'fhóduigh sé trí
pholl turnapaí le dhá lá. Sin é an fear a bhfuil na turnapaí
aige, mo ghrádh é! / D'fhóduigh mé "giota" beag oinniúin inniu, agus
gan síol ar bith agam fós ná fios a bhfuil sé le fáil chor ar bith]/

Fail: Ainmfhocal Buineann. Geiniúnach Uathaidh: faile; falach.
Fail: snag nó cineál cársáin san gcliabhrach: hiccup. (ii) bráicín nó cróín
beag, go háirid cró muice, nó cró cearc agus é rud beag níos mó ná púirín /

Tá fail orm. Gráinne sóidí go bhfeice mé a dtiúrfaí sé réidh an achair
dom / Is timpeall an tí aige atá faileannaí an tsaoil. Agus ní fhaca
mé muc ná laogh ar aon-aonach ariamh aige mara mádraí a choinníos sé
ionta /

Fiodán: Ainmfhocal, Fireann = (i) coillte nó coilleógaí: [an Taobh Mín: taobh istigh de Mhuighcuilinn. Ní shin é an chiall san Taobh Garbh : idir Muighcuilinn agus an Spidéal. Níor chuala mé in áit ar bith eile é] (ii) clascannaí nó díograchaí i sliabh; i scrath ghlugair a bheadh in aice locha nó aibhne, ar cholbhachaí casáin agus rl. Uisce portaigh a bhíos ionta go hiondúil. Ní thiúrfá ar shruthán a bheadh ag dul thríd an talamh é. (iii) píopa nó dollán san gcolainn, i gcnáimh etc. (iv) dallán i muileann agus rl.

Seo í tír an slat agus na bhfiodán = na gcoillte (an Taobh Mín) / Gheobhaidh tú neart scoilb sna fiodáin sin suas, má theigheann tú ar a dtóraíocht / Fiodáin ar fad í an tír seo ó fhágfas tú an Garraí Gabhann (: Muighcuilinn) go dteighe tú go Bord Locha. / "Claise na Ceanainne agus Fíodán an Phoill" = áiteachaí atá in aice le baile a dtugtar an Poll air i bparáiste Muighcuilinn. Ní coill é, ach díoga mhór / Chas sé liom thuas ag an bhFiodán Mór = áit in aice le Droichead na gCnoc, idir Muighcuilinn agus an Spidéal. Tá an fiodán chois an bhóthair ann ag rith san sliabh /[Tá S. Gh. sin faoi fhiodáin ar fad. Níl a fhios cén t-eallach a bháitear san ngeimhreadh ann / Tá srathachaí na habhann suas annsin an-aistreánnach, mar tá siad faoi fhiodáin ar fad = clascannaí leathna nó caológaí ag síneadh isteach san talamh ón abhainn]/ Síolraíonn na bradáin ar fhiodáin na habhann suas annsin. Is fánach an srutháinín a ngabhfaidís isteach ann. Chonnaic mé síolruithe ar lag chlaise ar chuid T. iad /[Ní mór dhaoib féithiú soir go maith thar ghob na locha. Tá cíocraí agus scrath ghlugair in aice na locha, agus fiodáin mhóra soir ann. Bíonn siad snámhta an t-am seo 'bhliain]/ Ní fhéadfá aon-mhóin a chur anoir annsin. Tá fiodán rómhat. Dhá mbeadh cupla clár agad a leagfá air / Brisfidh mé fiodán an chaca ionad le cic = an dollán a gcacann duine as; poll an chaca / "Níl "lady" dhá bhreátha inGaillimh nach bhfuil fiodán an chaca síos thrín a lár" = sórt leathfhocal / Cuirfidh mé an bata seo suas fiodán an chaca agad /

Tá fiodán an uisce calcuithe air = an áit a dteagann an t-uisce as / Tá rud eicínt ar fhiodán a dhroma = an smior atá i gcnáimh an droma / Séard a bhí le déanamh leis an cloigeann a bhaint anuas ón bhfiodán dhe = ón dúid; ó chuinc an mhuiníl nó ón ait a dtosaíonn an cnámh droma /[Bhainfinn an ceann ón bhfiodán dhíot dhá leagthá láimh air, mara beag an náire ort, a scéiméirín! / Baineadh an ceann ón bhfiodán dhó, agus ba é a thuill sé / Shílfeá gur anuas den fhiodán aige a gearradh thú = is tú a mhacsamhail; tá tú an-chosúil leis / Sé atá ag gabhail len a shean-athair. Thiúrfá an leabhar gur anuas den fhiodán aige a gearradh é]/ Bhí an oiread pislíní len a bhéal, agus a bheadh de mhin as fiodán muilinn = an áit a leigeann an muileann an mhin amach / "Bhí fiodán suain ag an gcailín agus sháith sí in a chloig-eann é, agus thuit an codladh céatach ar an bpuinnte air" = [As scéal ó Sheoirse Mhac Artúr, Leitir Mucú, Casla. Ní mhaireann sé anois] = rud a mbeadh deoch shuain ann is cosúil; Biorán suain /[Cuireadh fiodán suain san gceann seo, marar eirigh sé fós / Tá fiodán suain ann. Ní eiríonn sé lá ar bith go mbíonn an dó dhéag bainte aige]/ Má thugaimse failicín duit cuirfidh mé fiodán suain ionad = cuirfidh mé codladh ort = ní thiocfaidh tú chugad féin aríst go ceann tamaill / Má fhaghann sé siúd aon-leigean ar T. cuirfidh sé fiodán suain ann = gortóidh sé é /[Ba lách feiliúnach an fear ar chnoc agus ar chnocán, ar thór -ainn agus ar fhiodán (: claise san sliabh) é T. Mh., ach go deimhin níorbh é sin don aluisceach ba bhean dó dó. Bhí an baile reiche aice]/

Fuinín: Fúinín [deirtear fuinín, fuithnín, agus fúinín] = Ainmfhocal, Fireann
Fuinín = (i) seamaide, ribe, sop, dlaoi. (ii) ceó ar bith, a dhath, tada.

Níl fúinín gruaige (fuinín, agus fuithnín) ar mo cheann. Is gearr go mbeidh mé in mo "cloigeann gealaí" (: plait ar fad) / An áit a raibh an claimhe sin, níor fhan an fúinín fhéin fíonnaigh uirre. Is deacair a rádh nach mba droch-éadáil é /[Níl fuinín féir ar an talamh fós, thréis go bhfuil an Márta bunáite amuigh = sop, seamaide]/ Níl fúinín ar na

garrantaí sin suas anois nach bhfuil crínnte aca. Leigighidh amach 'un criathraigh anois iad, agus bainidís beatha as a gcrága /[Dheamhan fuinín féir ag gabhail leis le caitheamh ag bó ná ag gamhain, agus rómhat amach a theastós an farae. 'Ar ndú níl tada den geimhreadh tharainn fós]/ Níl fúinín de cheo ar bith agam = féar, tuí, beatha ar bith, tobac, éadach, nó rud mar sin / Níl fuinín éadaí aige le cur ar a chraiceann /[Dheamhan fúinín den léine seo indiaidh a chéile. Ní cheal muise nach gearr ó d'íoc mé mo shé déag go daor docharach uirre / Níor fhága sé fuinín den leitir nar stróic sé / Níl fuinín gabáiste ar m'fháltas. Cá bhfuighinn í? / Tá na cladaigh sin thíos anois cho gealta le croí do bhoise. Ní bhfuightheá bord feamainne istigh ar an roinn se'aghainne anois, dhá gcaitheá do bhliain dhá baint. Roimhe seo, d'fheicinnse feamainn dubh in a sraith aníos go dtí bun na dúrlinne, ach dhá gcuirtheá do shúile ar bhior anois, ní fheic-feá fúinín ann. Chreidim go bhfuil an smál céanna ag tiacht ar an gcladach agus atá ar an saol]/ Bhíodh an baile seo faoi ainleoig ar fad roimhe seo, ach dheamhan fuinín di anois ann / Ní bheadh a fhios agad cén chiall a mbíonn cur cho glan sin aige. Ní fheicfeá fuinín salachair in aon-ghort ag gabhail leis / Ara diabhal fuinín éadaigh (: falach) a bhí uirre siúd. Ba chuibhiúla di go mór imeacht in a craiceann ná an chaoi a raibh sí! / Tá sí (bád) in a crann. Níl fuinín seoil thuas aice = tada / Chuartaigh mé an baile ó sháil go rinn ach dheamhan fuinín tobac istigh ar a chorp. / Bhearr mé na cearca inniu. Níor fhága mé fúinín amach ón dúid orra. [Bhí siad ag dul i bhfoghail ar T. Mh. san ngarraí sin amuigh / Níor fhága an feothan mór siúd anuiridh fuinín ar an teach aige. Nocht sí isteach go caolach é = a dhath tuí dhín / Más ag faire ar an dá mholt siúd atá sib l'aghaidh ábhar báiníní, beidh sib dhá uireasa. Dheamhan fuinín orra, cés moite dhá dhath ar éigin goin-olann. Nach bhfuair siad bearradh Samhna]/

Fáisc: Fásc: Fáscadh: Fáisceadh etc: Briathar [Deirtear "fáiscim", "fáscaim", "fáisceadh", "fáscadh" etc. ach is coitianta caol ná

leathan é. "Fáische" amháin adeirtear. San leagan "fuinneamh ná fáscadh" bíonn sé i gcomhnaí leathan, agus freisin "ar an gcéad fhásc dhe (: ásga)".]
Fáisc etc: teann, brúgh, sac, sáith, doirt, righ, síolraigh, teigh, agus rl.

Duine gan fuinneamh gan fáscadh é; tá a chuid éadaigh gan fuinneamh gan fáscadh air etc. (fc. fuinneamh) / Tá sé cho fáische agus dhá bhfáisctí (dhá bhfáiscthí) le bís é / Is tú a chuir daingean ann é. Tá sé cho fáische agad agus dhá bhfaiscthí le bís é / Níl an chnoth sin sáthach fáische = daingnithe / Ní mór an doras sin a fháisceadh isteach go maith /[Choinnigh sí a bhéal fáische ar a chéile / Ná fáisc mo láimh mar sin / Fáisceadh idir an mótar agus an claidhe mé / Ní mór dhuit iall do bhróige a fháisceadh]/ Fáisc síos ann é = cuir, brúgh / Nach hé an claibín atá fáische air! Ní bhainfidh tú é gan pionsúr / Tá an chois cho fáische san bpíopa agus nach dtiocfaidh sí as go deó dearg na díle / Níl an lata sin sách fáische ar an mbuicéad /[D'fháisc sé mo dhruim, nó gur shíl mé go ndéanfadh sé dhá leith dhi. Is cráite an greim atá aige / Ní fhéadaim an táirne a thabhairt liom. Tá sé an-fháische ann / Tá na clocha sin fáische idtalamh = docht san talamh / Tá an leac siúd cho fáische agus nach mbain-feadh gró ar bith í / Ní mór an chois sin a fháisceadh san gcathaoir, nó is gearr uaithe]/ Sé atá cruadh fáische = fear miotallach = fear a mbeadh gabhail na gaoithe ann = fear cruadh fuinte a mbeadh sracadh maith oibre ann, agus scráibneart / Fear cruadh fáische é Seán. M'anam nach tada eile /[Feairín cruadh fáische a bhí ann. B'ait é ag obair. / Nach cruadh fáische atá sé fós, th'éis an aois atá aige tharmsa / Marach cho cruadh a's cho fáische agus atá sé, is fadó an lá a bhí an chupóig thrín a chluais. Ní sheasfadh "Black" ar an obair sin / Tá fear an tsiopa ag fáscadh air anois = tá sé dhá leanacht faoi na fiacha / Deir sí gur bhain sé as a hainm í. M'anam go sílim go bhfuil rún aice fáisceadh air, agus airgead a bhaint dó / Níor fáisceadh air ceart gur thosuigh sé ag caint faoin gcogadh = gabhadh dian san tsáraíocht air annsin /[Má bhaineann tú móin idtús bliana agus a caitheamh suas in a carra, beidh an t-uisce fáische aisti, nuair a bhéas tú réidh]

chuice / D'fháiscfeá chuile shnáth dhá raibh thuas ar mo chorp = bhí mé fliuch báite / Tá an mhóin siúd mar d'fháiscfí í (: le fáisceadh) = fliuch báite / Fáisc na héadaigh sin, agus sruthlaigh iad amuigh ar an gclaidhe = éadaigh thar éis níocháin / Fáisc an seile as do mhéir / Fáisc isteach an seol uirre = bád ag dul ar chúrsaí; ag laghdú an tseóil / Bain fáisceadh aisti = tabhair fáisceadh di = breith ar chailín /[An té a thiúrfadh fáisceadh di sin, sin é an fáscadh a ghabhfadh daor air. Chuir -feadh sí i bpríosún é go lobhadh a chnámha / Nar chuire Dia an rath air fhéin ná ar a chuid floscaí, agus gurb as an mbochtaineacht a fáisceadh é fhéin agus a bhfuil ar an mbaile = bhí a mhuinntir agus a shinsir, agus an áit a rugadh agus ar tóigeadh é bocht]/ As an sliabh a fáisceadh í. Is furasta aithinte é ar na hamhógaí atá aice / As an gcladach a fáisceadh mé. Ba é an chéad-bhiadh san sliogán agam é /[As gliomachaí a fuineadh agus a fáisceadh an ceann céanna. Nach glíomadóirí uilig a bhí in a mhuinntir?]/ Ní raibh mé ach caite amach nuair a d'fháisc sé orm = ní raibh ach an t-urchar caite amach agam nuair a bhuail breac mé / A mhic ó na páirte, ní raibh mo chois istigh ar an tsráid agam san am ar fháisc an madadh orm = d'ionnsuigh sé mé / [D'airigh mé an rud ag fáscadh orm, agus leis an bhfírinne a dhéanamh shíl mé nach aon-deagh-rud a bhí ann]/ Fáisc ar maircíocht ar an asal = teirigh ar marcaíocht air [tá leagain mar seo an-choitianta san gcaint] / D'fháisc mé síos ann, agus cé gheobhainn rómham ar bhall na háite ach C. = chuaigh mé / Fáisc suas dhá iarraidh / Ar a theacht dósan, d'fháisc mise liom = d'imigh liom /[Nach maith luath atá sé fáische leis an taobh aice. Níor tháinig tada don tír ariamh nar mhian leis an dream céanna a bhun agus a bharr a bheith aca]/ Má theagann strainséara ar bith 'un tí ann, ní dhéanann sé ach fáisceadh amach san scioból nó go n-imighe sé / Tá sé in am againn a bheith ag fáisceadh linn = ag imeacht /[D'fháisc sé síos Gaillimh ar maidin, agus níor facthas ó shoin é]/ Cuir thoir san gcró beag é (: asal) agus fáisc air = dún an doras air; cuir géibheann air / Ach a bhfuair muid istigh é, d'fháisc muid (glas) air / Fáisc ann é = cuir ann é (níl fáscadh i gceist) /

Fáisc an mála seo ar an asal = cuir air é / Tá sé cho maith dhom
fáisceadh (: dul) in éindigh leis / Fáisc ort go deo, agus teanam = cuir ort do
chuid éadaigh /[D'fháisc sé air a chóta mór agus amach leis / D'fháisc sé
beart féir ar an gcapall = chuir / Fáiscfidh an t-iasc sin tart ort = cuirfidh]/
"D'fháisc sé (iasc) tart orm i dtús na hoíche, agus altraid chroí gur gheal
an lá" [As amhrán — Seán Ó Maonaigh] / Séard a dhéanfas an
pórtar ocras a fháisceadh orainn i gceann mar atá muid cheana /
D'fháisc an droch-lá siúd a fuair mé ar an bportach lán mo
chruite de shlaghdán orm /[Fáiscfidh an scalán gréine seo teasbach
ar bheithigh. Is gearr anois go bhfeice tú drible in aer! /
Chuaigh rud eicínt lem' anáil agus d'fháisc sé fail agus casacht orm]/
Fáisc in éindigh léithe = gabh / Seo! Fáisc abhaile! / Dheamhan a fhios
agam ó neamh na néal cén áit ar fháisc sé / Fáisc ar an
"mbicycle" sin, agus gabh siar ag iarraidh onsa tobac dhom /
An bhfuil fáisceadh faoi ar bith istigh agad? = tearacán (taracán)
= rópa faoi bholg capaill nó asail nuair a bheadh srathair, nó
carr orra. Bheadh sé fáiscthe faoin mbolg ó leathtaobh na
srathrach nó ó leathlaidhe an chairr go dtí an leathtaobh eile /
[Sin é atá dearmadach. Níor chuimhnigh sé fáisceadh faoi ar
bith a chur isteach inniu, agus ar an dá luath agus a ndeacha an t-asal
suas in ucht an aird, seo siar an tsrathair, na cléibh agus a raibh
ann ar a thóin / Mara gcuire tú fáisceadh faoi isteach beidh
an carr ag dul siar ar a sháil chuile phuinnte. Céard a choinn-
eós aniar é? / Bhris an fáisceadh faoi orm, agus ní bhfuair mé
mo sháith le déanamh ariamh ach an "bord" a choinneál amach
díom nó gur leag mé ar an ngarraí é. Dhá mba in Árd Ch. an
U. a chlisfeadh sé, bhí mé in mo chleith.]/ Mara fáisc ort!
= droch-rath ort [mara fáisc = marbh fáisc = ceangal a theigheadh ar
chosa agus ar lámha marfáin roimhe seo. Ní dhéantar anois é, agus tá an
chiall sin den fhocal ionann agus seirghe. Níl ann anois ach eascainí, agus
mion-eascainí go hiondúil] /[Mara fáisc ort fhéin agus air fhéin! Caith
uait é! / Mara fáisc air (: asal) aige! Breagh nach ndíolann sé é,
má tá sé ag dul ó cheannsú air / Mara fáisc ar an iasc! (ar
an bhfiach, ar na girriachaí agus rl.! = dhá gcasadh fear leat agus é

ag iascach nó ag fiach, déarfá seo leis / B'fhearr dhuit "marafáisc ar an iasc" a rádh leis, ná sionnach ar do shlat agus girria ar do bhaoite". [Ní thaithneódh sin chor ar bith leis. Tá pisreógaí aige / Mara fáisc ar na girriachaí! Shílfeá go bhfuil sibh ag dul ag fiach bail ó Dhia oraibh]/ Shíl mé gur airigh mé ag brónfháscadh (brúnfháscadh) ar ball í, ach diabhal cor aice fós. Fan as a bealach mar sin féin faitíos na fálach thuas = cloch a bheitheá ag iarraidh a bhriseadh nó a chaitheamh anuas, agus a mbeadh cloch eile fúithe nó in a bealach. Sén brúnfháscadh an gioscán nó an torann a bhainfeadh sí as an gcloich eile (fc. spalla bróin) /[Ní bheadh ort anois ach spalla ar bith san mballa a chorraí agus d'aireochthá na clocha uilig ag brúnfháscadh a chéile. Is gearr go dtuite sé uilig in a bhrúisc]/ Bíonn an-bhrúnfháscadh ag an dúrlinn sin nuair a bhíos tarraint faoi chladaigh. [Diabhal go gcloisfeá an gíoscán a bhíos aice annseo / Oíche an Fheothain Mhóir anuiridh, meastú nach raibh an balla sin thiar ag brúnfháscadh. Tá sé scoilte go talamh ar aon-chor]/ Ar an gcéad-fhásc dhe (ar an gcéad fháscadh ?) níl sé caoch. Agus ní raibh sé in Meriocá ach oiread. Cén fáth a mbíonn tú ag sioscadh bréag mar sin? = ar an gcéad dul síos, "no. 1 point in the argument" /[Well sén t-údar go ndeirimse nach bhfuil aon-mhaith ann: ar an gcéad fhásc dhe, loic sé ó S. Ph. agus fear dona a loicfeadh uaidh sin … / Ar an gcéad fhásc agus a dtáinig sé thosuigh sé ag troid = cho luath; ar an dá luath agus a dtáinig sé]/ Tá sé ag leigean amach an droch-fháisc anois = an droch-mhúineadh nó an t-olc nó an faltanas, nó an droch-oiliúint a gheobhadh duine go mbeadh sé dhá theasbánadh / Níor leig sé amach an droch-fháisc go deó, go dtáinig sé abhaile aríst agus gur casadh lucht na sean-síomálachaí air [deirtear droch-éisc freisin] /[Sin é úll na haithne a mhic ó. Tán droch-fháisc istigh aige. Ó gach leanbh mar a hoiltear, agus gach aige mar a hábhar, adeir siad / Níl leigean amach an droch-fháisc aice, bíodh sé innte nó ná bíodh. Is mór an t-íonadh nach mbeadh muis: inín Ch. Mh., níor cheart di dual ná slis di a fhágáil amuigh]/ Chaith sé an lá ag bollaireacht agus ag broimseálacht soir annseo, agus ag cur amach

an droch-fháisc: rud atá ann go fairsing /[Mara bhfeice muid dhá droch-fháisc muis choichín, ach an sceamhínteacht bheag sin a bhí air an oíche cheana, ní cás duinn é. Déarfaidís gur anglóir ceart é, ar a mheisce. M'anam go raibh sé bogha go maith an oíche sin, ach dheamhan thairis sin de dhochar a bhí ann, ach cead cainte a thabhairt dó. 'Ar ndú' ní móide gur beag dhuinn a thúisce! / D'imigh sé sna fáscaí = sna feire glinnte = as go brách leis / Ghread leis sna fáscaí / Chuaigh sé siar sna fáscaí anocht. Bhí forú air, hébrí cá raibh sé ag dul / Deirimse leat gur imigh mise, agus gur imigh mé sna fáscaí freisin. Agus níor mhiste liom é ó thug mé an ceann uaidh /

Fuin: Fuinim: Fuint: Briathar; Ainmbhriathar. = bácáil; taos nó plúr nó im, nó créafóg etc. a mhúnlú go gcuirtear cumraíocht áirid air (: cáca, mioscán, fóide agus rl.); munlú, munlú de réir dúchais áirid.

Fuin cáca = déan cáca / Níl fuint ar bith ar an gcáca sin. Ní bean mhaith aráin thú ar aon-chor / Fuinfidh mé sudóigín bheag eile faitíos nach mbeadh ar ndíol againn / Chuile uair dhá ngabhfá ag fuint cáca fadó, chaithfeá ceapairí a chur san luath do na gasúir. Níl an faisean sin aca chor ar bith anois / Fuin ceart anois é = im in a mhioscán nó in a phrionnda / Níl an t-im sin fuinte ceart. An bhfeiceann tú a bhfuil de sprochaill -í air? / Fuair P. píosa 'shriogán (: sreangán) agus d'fhuin sé ruainne aráin isteach ann, agus chaith sé ag an bhfaoilleán é. D'ailpigh sé sin ar an toirt é /[Dheamhan fód ar bith móna annsin. Tá lagphoill ann, ach chinnfeadh ort aon-fhód a mhúnláil ionta. An méid móna a bhíos ann, is móin fhuinte í = an áit a bhfuil portaigh ro-ídithe, nó nach féidir an cineál móna a bhíos ann a mhúnláil le sleán, séard a déantar móin fhuinte, nó an mhóin a fhuint ann: baintear nó cruinnítear meall de rod an phortaigh nó lagphoill, agus scárdtar uisce air, agus tosuítear ag damhsa agus ag talltú annsin air, nó go bhfáisctear cuid mhaith den uisce as agus go ndéantar leathnóig dhe, agus go mbeidh sé taite in a chéile mar a bheadh cáca ann. Gearrtar annsin é in a fhóideógaí, agus fágtar ar triomú iad ar nós móin ar bith. Bíonn a leithide de mhóin in áiteachaí timpeall ar Áth Cinn i gCondae na Gaillimhe]/

Caithfidh tú fuint de réir na mine = nuair a stopfas
an síol stopfaidh an fuirseadh = ní fhéadfaidh do dhola a dhul
thar do shlí = ní fhéadfaidh tú a chaitheamh ach a bhfuil agad /[Tá sé fánach
againne a bheith ag comórtas le Muintir Ch. Tá beirt aca sin in a máist-
reásaí scoile, agus chuile dhuine san teach ag saothrú. Níl pínn ná bonn dhá
shaothrú san teach seo. Agus caithfidh duine fuint de réir na mine]/ B'
fhearr liom an ceann eile a cheannacht marach cho daor agus atá sé. Ach
caithfidh duine fuint de réir na mine / Is doiligh dhuinne airgead a chaith-
eamh ar theach nua. Tiocfamuid leis an sean-teach go ceann tamaill
eile. Caithfidh duine fuint de réir na mine / Dhá bhreácha í Máire, ní
fhuinfeadh sí cáca gan min = dhá bhreachte de bhean í Máire Eóin ní fhuinfeadh
sí cáca gan min = ní breachte a níos brachán ach min = is fuar
an rud cliú gan chuid = níl aon-mhaith san mbreácha gan teann-
adh ar a cúl /[Bean bhreá í, ach cén mhaith sin nuair nach bhfuil
aon-spré aice. Dhá bhreácha í Máire ní fhuinfeadh sí cáca gan
min / Dhá bhreácha í Máire Eóin ní fhuinfeadh sí cáca gan min.
Beidh an bhean ceart go leór, má bhíonn a dóthain airgid
aice. Sé an t-airgead an bhreácha]/ Fuin an rópa sin go maith
= cuir fuinneamh ann = déan láidir spreacúil é / As an ngad-
aíocht a fuineadh [deirtear fuinneadh amanntaí freisin] agus a fáisceadh
é = as an ngadaíocht a fuineadh é (nó … a fáisceadh é: "fuin" nó
"fáisc" ar a aghaidh fhéin, ach is minice an dá rud le chéile, sin nó "fáisc"
amháin) = ba í an ghadaíocht an chéad bhiadh san sliogán dó = ba dual dó
an ghadaíocht i dtaobh athar agus máthar = gaduithe uilig a bhí timpeall air
in a óige /[Brugh agus ding uirre: ag rádh nachar ith sí aon-bháirneach
ariamh, agus gurb as báirnigh a fuineadh agus a fáisceadh í! Bhí siad
ag fás ar an tairsigh aice. Is íontas nach bhfuil siad ag fás uirre
féin / As fianaíocht agus as amhráin a fuineadh agus a fáisceadh é. Thug sé leis
iad ó chuile thaobh. Ní raibh aon-rianóir le fáil ab fhearr ná a athair,
agus maidir le muintir a mháthair chuirfidís na cuacha a chodladh ag
gabhail fhuinn]/ As leisce agus as spreallaireacht a fuineadh agus a
fáisceadh é fhéin agus chuile dhuine dhá dhream. Ní leigfeadh an leisce dhá
mháthair an luaith a chorraí den teallach, ní leigfeadh sin / Is fear fuinte
fáische é = cruadh fáische = fear déanta, miotallach /

Déanfaidh sé fear fuinte fáische nó tá sé féin agus a chosúlacht in aghaidh a chéile /
Créafóg fhuinte a chuirtear sna tithe in áiteacha eile: tithe créafóige /

Fuinneamh (: fʊ̯ɴ ʼ ə): Ainmfhocal: Fireann [ní abruítear an "mh". D'fhéadfaí a scríobhadh le -eadh] = rud bog neamh-mhúnluithe a chasadh agus a shníomh timpeall agus timpeall nó go mbeadh sé in a rópa, nó in a dhaba láidir spreacúil [seo an t-aonchiall atá leis san gcaint mórán]

Níor chuir tú a dhóthain fuinneamh san súgán = le súgán a dhéanamh teigheann fear istigh i mbun coca tuighe nó féir, nó bíonn sé ar a dhearnachaí in áit a mbíonn glac thuí nó fhéir nó a leithidí. [Beireann sé ar shlam agus déanann sé dlaoi dhó, agus láimh aige is gach aon cheann dó. Cuireann an fear eile corrán nó cor shúgáin i ngreim san slám agus tosaíonn sé ag casadh an acara seo chuige agus ag déanamh rópa dhe nó go mbíonn sé sách fada aige. "Ag cur fuinneamh ann" a bhíos sé leis an gcasadh sin. Leigeann an fear eile an súgan dó .i. coinníonn sé ag cur tuí nó féir isteach in a cheann as an gcárnán]/ Má chuireann tú an iomarca fuinneamh i súgán brisfidh sé / Cas amach é (: súgán). Cuir fuinneamh ann a fhleascaigh! Nach bhfuil sé cho bog le gruth agad. /[Ní dheachaidh a leath ndóthain fuinneamh sna súgáin sin. B'fhuras -ta aithinte agus cead a thabhairt don ghasúr sin a gcasadh: ceann ar bior bradach! / Ní shníomhfadh gadrachaí rois chor ar bith. Ní féidir fuinneamh a chur ionta. Sin "nonsense" gadrachaí rois. Níl a leithidí ann. Scéal agus a thóin leis é (: gur shníomh fear gadrachaí rois) / Bhí slat aige agus é ag cur fuinneamh inte, ag iarraidh a sníomh in a gad]/ Bhí ceann de na ceathrúnaí sníofa in a shúgán aige nuair a rinne sé cheithre leith: an iomarca fuinneamh. Thiúrfadh an t-athair na diabhail den Chruaich ag eascainí air. Níl aon-phleóta in Éirinn nar thug sé air / Sin é tuinnte fada na hóinsí: do shúgán-sa anois. Ní bhíonn aon-fhuinneamh san tuinnte fada a bhíos ag óinseach. Ní leigeann an tsiléig di fuinneamh a choinneál ann = snáth fada an droch-tháilliúra / Diabhal mé go sílfeá go bhfuil fuinneamh ag teacht in a mhuineál le goirid = é mar a bheithí dhá chasadh timpeall ar fhearsaid (ach ní caime é) / Reanglam -án mór árd é agus shílfeá gur fuinneamh a cuireadh ann, tá sé cho leighe sin /

D'fhéadfá cor fuinneamh a chur inte mar a chuirfeá ingad / Chuir sé cor fuinneamh in mo láimh = chuir sé fuinneamh inte; a casadh / Ní raibh aon-phóilí ariamh ann a chuirfeadh cor fuinneamh in a láimh /[Bhí siad ag cur fuinneamh in a láimh nó gur bhris siad in a sprúáin í / An bealach is fusa broc a chuir as brocach, staic de mhaide a sháthadh isteach, é a chur i bhfastós in a chuid fíonnaigh, agus cor fuinneamh a chur ann, nó go nairighe tú fuinneamh ag dul san gcraiceann freisin. Mise i mbannaí gur furasta é a thabhairt amach annsin. Níl aon-mhadadh cruthuithe indon broc a throid. Martróidh sé é]/ Cuir fuinneamh inte (brionglán sceiche) agus brisfidh sí / Níl aon-mhaith fuinneamh a chur sna slata sin. Tá siad ro-bhriosc agus bhrisfidís / Cuirfidh mise fuinneamh in do thóin le cic! / Tá sé gan fuinneamh gan fáscadh = duine místuama, liopastach neamh-acluithe, nach mbeadh aon-déantús maitheasa ann, ná aon-teacht aniar / Spriosán mór é gan fuinneamh gan fáscadh. Shílfeá go mbeadh gníomh ann ach níl ná a dhath /[Tá sé as a chuma ar fad. Nach shin é in aon-striochlán amháin é gan fuinneamh gan fáscadh. Céard a chuir an chaoi siúd air / Níor cuireadh fír na maitheasa ann nuair a bhí í a chur ann. Tá sé gan fuinneamh ná fáscadh anois / Cén ghnatha a bheadh agad dó sin in a fhear páighe! 'Ar ndú dheamhan fuinneamh ná fáscadh annsiúd len a thabhairt leat ar an bportach. Dearg-leadaí é. / Thóig sí clann gan fuinneamh gan fáscadh gan fíriúlacht. Bhí sí ro-thruaigheach. B'fhearr léithe i gcomhnaí an rud a dhéanamh í fhéin ná a bheith ag ceartas leó / Raillimín bradach gan fuinneamh ná fáscadh é. Ní raibh sé indon eirí faoi bheairtín féir annsin thíos inné]/ Bíonn a chuid éadaigh igcomhnaí gan fuinneamh ná fáscadh air = glug-glag; glugrach; iad air gan aon-chuma ná puinnteáilteacht / 'Bhfuil a fhios agad céard adeireadh S. N. Mh. faoi Mhaire T. "Shífeá gur le píce a cuireadh a cuid éadaigh uirre" adeireadh sé. Bhídís uirre gan fuinneamh gan fáscadh / Go deimhin tá díol duine uasail de chulaith éadaigh air, ach níl aon-pheacadh faoin domhan ach a cur amú leis. Mhillfeadh sé éadaigh na hairí, mar ní bhíonn fuinneamh ná fáscadh ionta air thar aonduine dhá bhfaca tú air / Fuinneamh gan stuaim atá innte sin = bean, capall etc. a mbeadh

scráib neart innte, agus í deagh-dhéanta, agus fonnmhar chun oibre,
ach nach mbeadh stuaim ar bith inte / Fuinneamh gan stuaim
atá ann. D'iompródh sé Cloch an Fhiadha idir a dhá láimh, ach níor
dhóigh cleas dhá ndéanfadh sé ná a leigint anuas ar speireach
Mháire Chuilm! /[Fan amach uaidh sin nuair a bhéas sé ag plé le oird.
Is mór an chontúirt é: fuinneamh gan stuaim. Bhí mé ag coinneál
"jumper" dó ar an mbóthar sin thíos. Go deimhin is orlaí (: ordlaí)
dalba é, ach ní raibh a fhios agam cén puinnte a bhfuigheadh mo
chloigeann féin an iarraidh i leabaidh an "jumper"]/
"An strachaille mná lán den fhuinneamh gan stuaim
Stoca in a láimh, slaímín olla agus í ar cuairt" [As amhrán:
ní feasach mé cén t-amhrán] / Ba fear fuinniúil é a mh'anam. Bhí an-
fuinneamh fir ann = árd, leighe, déanta, agus cosúlacht air a bheith in a fhear mhaith /

Faluím; ag falach etc.: Briathar; Falach: Ainmfhocal; Fireann.
[Fuaim a i gcomhnaí i leabaidh o. Níl "folach" ann.]
Falach: snáth, stiall, tuinnte; clúdach, cóiriú, feistiú; ceilt, caomhúint,
taisce, a bheith ó léargas.
Ag Falach: ag clúdú; ag ceilt; ag cur ó léargas; ag cur idtaisce.

Faluigh fútha! = deirtear le duine é a bhíos ag roinnt chártaí,
má choinníonn sé aghaidh na gcártaí cho hárduithe, agus gur léar do gach
duine cé na cártaí atá gach imreóir eile a fháil = coinnigh
a n-aghaidh síos [deirtear "bailigh fútha" scaití, ach níl ann ach mí-
thuiscint ar "faluigh"] / Faluigh fútha. Tá súil gabha indiaidh táirne
aige seo thall ar gach cárta dá bhfuil ag dul amach /[Breagh nach
bhfalaíonn tú fútha. Is léar do chuile dhuine cártaí a chéile. Dhá mbeadh
imreóirí géara ann, mar bhíos in áiteachaí, chuirfí as do
roinnt thú ar an toirt. Ba é a dhéanamh leat é freisin / Tá a fhios
agam go bhfuil an cíonán ionta seo gan a n-ionntú chor ar bith. Chonnaic
mé ag teacht chugam san déanamh é nuair nar fhaluigh tú fútha]/
D'fhaluigh a brat seacht nacraí = chlúduigh sé seacht n-acraí; bhí seacht
n-acraí faoi (: brat Bhríde) / Falóidh sé an garraí siúd le feamainn anois,
ach dheamhan a gcocfaidh sé go brách í. Sin é a níos sé leis an bhfeamainn
Bhealtaine chuile bliain. Dhá mbeadh maith i leasú, tá an garraí sin sách

leasuithe aige / Tá druim an Bh. ar fad faluithe le móin aige. Diabhal
a leithide de láithreachán! Choinneódh a bhfuil annsiúd móin le Baile Átha
Cliath /[Tháinig sé isteach thar éis an aonaigh, agus d'fhaluigh sé an bord le
nútaí (: nótaí) puint. Dhá mbeadh fear ann a bheadh sách luathlámhach b'fhuras
-ta dhó luach an óil a bheith aige, arae ní aireódh sé cupla ceann aige ná uaidh! /
Tá sé ag falach na sráide uilig le gaineamh = dá clúdú / Níor mhór
dhuit an sean-leasú sin anois a fhalach le ceobáinín beag aoiligh. Dhéanfadh
sin thú! An uair a bhí an garraí sin curha faoi dheireadh bhí
a dhá dhóthain leasuithe air]/ Ní chomhnóidh sé go bhfaluighe sé Currach
an Chladaigh le carraigín (: scarha amach le tuaradh). Diabhal mé muise
má bhíonn "leoraí" fhéin aige dhe, nach mórán balachtála dhó é sin,
nuair a bhéas sé gealta agus traoite / Níl falach air = níl snáth éadaigh
air = tá sé nocht = tá a chuid éadaigh in a cheirteachaí agus níl falach de
na seacht n-éadaigh air / Chuaigh sé siar agus gan falach bríste ná hata
air = bhí an hata stróiche nó b'fhéidir caillte aige, agus an bríste
in a liobair /[Níor fhága sé falach léine orm nar stróic sé / Níl
falach éadaigh orm ag na crícheannaí (: crígheannaí) sin siar.
Is ionta atá máithreach na ndriseachaí]/ Dheamhan tiomanta
falach (: stiall) de mo bhróga le chéile anois. Ba dona iad, agus ar
tharraing siad d'airgead / Nuair a bhí an strachailt (: troid) thart
ní raibh falach jackéid ná léine air / Dheamhan falach beó den
bhráithlín sin thuas le chéile anois /[Sin é é. Ná fág falach ort féin
nach mbainfidh tú dhíot, agus teirigh síos idtubán uisce bhoig agus nigh thú féin /
"Bhí mise lá i Luimneach, agus tá cuimhne rí-mhaith agam:
Dheamhan falach bríste a bhí síos ar mo chadairne … " [Amhrán greann-
mhar dar tús na línte sin]]/ Tá sé ag imeacht agus gan falach an náire
air = gan an oiread air agus a chlúdódh a ghnéas ó cheart, ach ní chiallaíonn
sé, ach nach raibh aon-tsnáth éadaigh air, nó go raibh a chuid éadaigh in a
ghioblacaí / Má mhaireann duit ar an macnas sin do d'ionnfairt fhéin
amuigh ingarrantaí, agus is gearr nach mbeidh falach do náire ort /[Ní
fhaca mé aon-fhear go hiomaidh cho feidhearha leis. Níl falach an náire
air, níl sin / Caith dhíot na sean-bhriocáin sin, agus gabh suas agus cuir falach
an náire ort féin. 'Ar ndú ní ghabhfá i láthair daoine le na ceirteacha
sin. Dheamhan cuibheas ar bith ag fanacht ionad]/ Níl falach mo choise de

cineál ar bith coisfirt agam anois. Má siad na miotáin féin
iad, níl siad agam / Bíonn sí ag imeacht annsin in a hóinseachín agus cóitín
beag uirre nach bhfuil falach a tóna ann /[Is deas iad mo phéire stocaí
muis agus gan falach mo rúitín ionta. Céad slán don tsaol nach mbeadh
duine i dtuilleamaí siopa ar bith. Ach na mná a dhéanfadh stocaí
tá siad imithe / Deir sí nach féidir léithe falach a cinn de hata
a fháil in áit ar bith. Tá an-bhoimbiléad de chloigeann uirre go
dearfa bail agus beannú uirre! / Chuir sí amach agam í, agus dheamhan
a raibh falach tóin na gloine inte. "Crois Críost orainn",
adeirim féin, "ní féidir go bhfuil leathghloine fuisce san teirgéis
sin?" Cén bhrí ach mo cheithre boinn a íoc uirre = níor fhaluigh
an méid fuisce a cuireadh amach dó tóin na gloine /[Ná cuir
aon-deóir ann anois. Falach tóin na gloine ar éigin. Is annamh
a ólaim tada / Dhá bhfeictheá an strionncáinín bainne a bhí ag an
mbó: falach tóin an cheaintín. Sin é an méid / Teara leis anois.
Falach na talúna ar éigin. Níl maith ar bith ionnfairt fheamainne
a chur ar thalamh láidir mar sin. Ceobáinín beag / Cheannuigh sé seo
thuas seala eile caorach inné. Tá falach na talúna aige anois, ach
is furasta dhó sin: falach dhá phóicín. Feicfidh tú dlí anois déarfainn,
arae foghlóidh siad siúd a bhfuil istigh ar a mbaile / Meastú a bhfuil
falach na leabthan san mbráithlín sin? = an gclúdóidh sí an leabaidh /
Níl falach do bhoise d'fhéar aige imbliana /[Chaith mé an lá thíos san
roinn siúd, agus dheamhan falach an bhoird sin d'fheamainn a bhí agam
dhá barr. Bhí sí in ainm agus a bheith in a fás dhá bhliain, ach mo léan an fás!/
Níl a fhios agam cén falach a chuireas sib ar an tae i gcomhnaí, le nach mbíonn
sé le fáil = taisce; a chur in áit nach bhfuighthí é]/ Cuir falach ar an
airgead sin anois, nó má fhágann tú ar shleamchúis é, is gearr go
mbeidh sé árduithe leis aige siúd l'aghaidh "feaigs" / Nach bocht nach
ngoidfí uait í, agus a fágáil annsin as comhair na tíre. Breá nar chuir
tú falach uirre (: láighe a goideadh) /[M'anam nach mór dó falach thairis
sin. Tá grifisc ag teacht annsin chuile oíche, agus gheobhaidís amach an rud a bheadh
faoi do chúilfhiacail / Cén chiall nach gcuireann sib falach ar an rud
nuair a bhíos sé agaibh, agus gan a bheith ag imeacht agus ur méar in ur
mbéal agaibh nuair a theastós sé]/ Gabhfamuid ag déanamh

falach bheag = spraoi gasúr idteach; teigheann dream i bhfalach is gach áit ar fud an tí, agus caithfidh duine nach bhfaca cén áit a ndeachaidh siad i bhfalach a bhfáil amach. Falach bhíog nó falach na gcruach nó falógaí a thugtar air, más amuigh in iothlainn nó i ngarraí a dhéantar é / Bhí muid ag dul i bhfalach bhíog /[Chuaigh mé i bhfalach bhíog air / Is geall le bulc gasúir sibh a bheadh ag déanamh falach na gcruach / Nach ort atá an cur i bhfalach air = tá tú ag cur a lán anró nó trioblóide ort fhéin dhá chur i bhfalach / Is mór an cur i bhfalach a bhíos agaibh air. Breá nach bhfágann sib in áit eicínt é a bhfeicfeadh na daoine é]/ Is maith an cur i bhfalach a dhéanfas tú air, nó gheobhaidh siad siúd é. Níl tada ag gabhail uatha / Bhí an-chur i bhfalach ar an bpoitín. Chaith siad an oíche amuigh = anró nó aistreán mór dhá chur i bhfalach / Théis an cur i bhfalach a bhí air, ní raibh falach ar bith air in a dheidh sin = fríodh easonóir dhá chur i bhfalach, ach ní raibh aon-fhalach den rath air, arae b'fhurasta a fháil / Is agaibh atá an cur i bhfalach air. Cén dochar má fheictear fhéin é. Tá cás againn ionta = why should ye hide it? / Rinne sé cur i bhfalach annsin ar na crainnte, agus dúirt sé leo a gcaitheamh = na rudaí a bheadh agad le crainnte a chaitheamh (: clocha, soip etc.) a gcur in do ghlaic i riocht agus nach bhfeicfí iad /[Ní dhearna sé aon-chur i bhfalach ar an crainnte. Chonnaic mise an scian bheag idtosach a chiotóige, agus d'fhuagair mé "tús láimh an dá chrann" ar an gcárnán thoir / 'Chuile chur i bhfalach bíonn trí ghábhail air", adeir bean an chaiptín = ní thugtar an bhreith ar an gcéad chrann a chaitear. Ní mór na crainnte a chaitheamh trí huaire / Dheamhan gábhail ná gábhail a chonnaic mise ar aon-chur i bhfalach, ach aon-ghábhail amháin. Tóig é nó fág é, agus sin é an ceart]/ Sé cur an scolb i bhfalach a thugtar ar an tuí annseo = sraith tuí a leagan ar an teach, agus corr-scolb a chur anonn agus anall inte, agus róipíní ruadh len a fastú. Teigh-eann sraith eile as a cionn sin, agus falaíonn sin na scoilb / Is fhearr an cur é sin uirre ná an scolb i bhfalach / Cuir i bhfalach é sin / Chuir sé i bhfalach orm é / Tá sé i bhfalach san gcómhra]/

Bhí sé sin i bhfalach agam le mí / B'éigin dó a dhul i bhfalach ó na póilíos / D'fheicfeá ag rith i bhfalach i bpoill agus i bpruchógaí iad, cho luath agus a chuala siad go raibh sé ag teacht /[Ná bí ag iarraidh a dhul i bhfalach orm chor ar bith / Ní áit le dul i bhfalach é / Ní raibh d'fhalach air ach dosáinín raithní = ní raibh dhá chlúdú; ní raibh dhá chur ó léargas ar an dream a bhí dhá thóraíocht / Ní raibh d'fhalach air ach a léine = dhá chlúdú]/ Bhí sé gan falach (éadaigh) ó Dhia anuas air = bhí sé gan falach air ach an oiread leis an oíche ar rugadh é / Tá mé gan falach a bhaint dhíom le coicís ach ag síneadh cois na teine le doigheachaí. Mo dhiomú dóibh! / Tá mé gan falach bróige ná stoca = coisfirt ar bith /

Farcán: Fabharcán (fəūrkān): Ainmfhocal; Fireann
Farcaim, Farctha, Farcáil: Briathar.
Farcán: (i) carcair nó cineál bosca mór a bhíos ar bhun na slata mara, nó na gceann slat san áit a mbíonn siad greamuithe don leic. Baineann an fharraige iad idir shlata mara agus farcáin scaití. Bíonn cuasán nó poll an-mhór sna carcaireacha seo go minic. (ii) cnap nó creagán a thóigfeadh láighe, sluasaid nó sleán nó a leithidí ar do láimh. Tugtar ar ailt é freisin.
Fabharcán [fuaim mar "samhradh", "labhair", gan srónaíl] = cuasán nó falamhacht a bheadh istigh i bhfata, nó i dtoradh mar sin.
Farcha agus rl: rodha; pollha, cuasuithe; falamh; hollow; ag déanamh mine
Farcáil: tuí a chur ar theach ar chaoi áirid (fc. somplaí)

Tá an t-adhmad sin farcha = é ag déanamh mine, agus poill isteach ann agus b'fhéidir cuid de falamh istigh /[Giúsach agus cuileann an dá mhaide is fuide go bhfarcfadh. Bhí siad thuas san sean-teach againn agus diabhal a bhfarcfadh siad go deó. An t-adhmad atá san gcoill sin thuas d'fharcfadh sé. Dair í 'ar ndú' agus farcann sí sin gan moill ar bith. Is iomdha maide giúsaí a chonnaic mé ariamh agus ní fhaca mé oiread agus ceann aca ag farcadh. Ní mór an ghiúsach a choinneál fliuch nó tirm / Fuair mé clár breá le tír annsin i mbliana, ach bhí sé farcha uilig go léireach ag na giúirinneachaí. Shíl mé go raibh agam, nuair a bhain mé an chéad bhrat dhe, ach cho luath agus a chuaigh mé dhá thligean, bhí a fhios agam

gurb éadail gan tairbhe é / Fuair mise sail le linn an chogaidh cheana agus bhí sí foirghe le giúirinneachaí. Chuaigh mé i gcoinne láighe, agus scríob mé di iad. Dheamhan farcadh ná a dhath a bhí uirre. Bhí sí folláin] / Is breá an drisiúr é sin fós agus an aois atá aige. Dheamhan a bhfuil ag breathnú farcha dhe. Bhí buaineadas san adhmad sin. Fadó a gheobhthá an ball ar fónamh / Ara beannacht Dé dhuit níl cleith thuas ar a chaolachaí nach bhfuil farcha as éadan (: teach). Breathnuigh annsin! An bhfeiceann tú a bhfuil de mhin déanta ag an rata sin? / Tá cúlfhiacal agam, agus tá sí cho farcha, agus go ndéanfadh dreóillín nead inte. Is fadó an lá mar sin féin nachar airigh mé aon-driog inte ní ag tabhairt gubh orra é (: ar na doigheachaí) / Tá an dumhach sin farcha ag coiníní. Is ann atá a dtabhairt amach = poill agus bealaigh déanta ag na coiníní thríd an ngaineamh /[Tá na fataí seo faoi fhabharcáin ar fad = cuasáin / Ní fheicfeá an oiread fabharcáin in aon-fhataí ariamh agus atá ionta seo. Is corr-uair a bhfeicfeá iad i bhfataí chor ar bith anois / Bhí fabharcán cho mór le do dhorna istigh san meaingil, agus ní lofa a bhí sé. / Níl fataí ar bith a chinnfeadh ar na fataí fabharcáin sin. 'Ar ndú len a maith a bhíos siad ionta. Bíonn chuile ceann aca cho mór le do hata]/ Tá farcáin tóighe ar mo lámha ar scáth an t-achar a bhí mé leis an tsluasaid sin. Ach námhaid í an cheird gan a fólaim, adeir siad /[Tháinig cnap annsin ar mo láimh mar a bheadh farcán ann go díreach. B'fhada liom go raibh sé ag imeacht agus chuaidh mé ag priocadh leis …]/ Níl aon-fharcán dhá bhfuil ar na slata mara atá ag gob an Bh. nach bhfuil leithead íochtar an drisiúir sin ionta. / Thug mé liom iad idir shlata agus fharcáin. Cá bhfios nach bhfuil leasú sna farcáin freisin? /[Bhí an pota gliomach i bhfastós i bhfarc-án slat mhara agus níorbh fhéidir a thabhairt aníos. Thug muid linn é faoi dheireadh agus faoi dheoidh, ach ba le strachailleacht é. / B'éigin dom an dorú a scoradh agus a fhágáil annsin. Ní thiúrfainn liom é, dhá mbeinn leis go sleibhe. I bhfarcán a bhí sé ingreim, tá mé ag ceapadh.]/ Níl sé ag iarraidh ach a farcáil = brat beag tuí a chur ar theach, agus annsin brat beag eile as a cionn sin, agus gan í a bheith ach réidhchurha. Ní bheadh aon-téagar san méid a bheadh curha ach oiread [ní móide go bhfuil aon-bhaint aige seo le "farcadh" roimhe sin /

Feáll = Ainmfhocal: Fireann agus Buineann ["is mór an feall"; ach "an fheall", "buille feille".] = mí-ghníomh; éagóir; rud éagórach nó tuatach a dhéanamh faoi rún, bréag, foghail, millteanas neamh-thuillte; truaighe.
Fealltach: aidiacht as feáll; éagórach, mí-ghníomhach, místáideach.
Faltanas (: feálltanas go hannamh) = Ainmfhocal = olc, aicís, oirille, díoltas
Fealladóir: Ainmfhocal = sé gníomhaire an fhaltanais é, nó an té a bhfuil an faltanas, an t-olc, an aicís, nó an rún díol-tais ann; duine a dhéanfadh feáll, a chlisfeadh ort agus rl.
Fealladh, Feallaim etc.: Briathar as feall, ach go minic ní bhíonn ciall na héagóra nó an mhí-ghnímh ann cho mór le "feall" an t-ainmfhocal = loiceadh, údar diomú a thabhairt duit, cliseadh ort, gan an cur leis a bheith ionad; eágóir a dhéanamh ["feall", "feallaim" etc. Fuaim an bhréithir. "Feall", feálltach" an t-ainmfhocal agus an t-aidiacht. Faltanas — nó feálltanas go hannamh — agus fealladóir an dá fhocal eile, ach deir corrdhuine feálladóir.]

Ba mhinic le duine dhá dhream an fheáll a dhéanamh. Ní raibh siad folláin ariamh. Rinne a athair fhéin spiadóireacht aimsir na "mBlack and Tans" = rud mar spiadóireacht / Rinne sé feall ceart críochnuithe. Thug sé na póilíos aníos ar an mbaile gur rug siad ar dhá iarraidh phoitín / Mhairfeadh sé sin ag déanamh feáll (feille) ar a chomharsa. Bí ar do shon fhéin air sin. Sén uair is mó a mbeidh sé leat an uair is contúirtí dhuit é. Agamsa atá a fhios sin / Dheamhan feáll go deó ach mar rinne sé. Tharraing sé an t-achrann, agus annsin chuaigh sé a chúnamh don dream eile, agus é in a n-aghaidh roimhe sin mar dhóigh dhe / Cuireadh duine ar a shon fhéin má theagann air, ach ná déanadh sé aon-fheáll / Bhain sé amach an talamh le feáll. 'Deile! / Níor deárnadh aon-fheáll ariamh mar a rinneadh air sin. Daoradh san éagóir é. Ní raibh láimh ná cois aige san bhfear sin ach oiread liomsa / Ní bhaineann an scéal domsa chor ar bith, agus ní bhuailfinn mo ladar ann, ach níor mhaith liom feáll a fheiceál dhá dhéanamh ar aonduine, agus is feall atá dhá dhéanamh air sin, má bhaintear an t-airgead aríst dó. D'íoc sé cheana é / Má tá indán agus go bhfuighfear cionntach san gcúirt é, is feáll a bhéas dhá

dhéanamh air. Níor chuir sé sin an áit sin thrí lasadh ach an oiread leis an bhfear nar rugadh. Ach tá caraideachaí ag an dream eile / Chuaigh feáll air (: éagóir, bréag) agus fríodh daor é. / Le feáll a dhéanamh a chuaigh sé ann chor ar bith / Tá an fheall i gcomhnaí i gcois an asail = buailfidh sé thú nuair nach mbeidh súil ar bith agad leis /[Tá an fheáll san bpoitín. Ní aireóidh tú ag tuitim ort é, nó go mbeidh tú ar meisce. / Fainic na curachaí! Tá an fheall ionta sin don té nach bhfuil paiteanta orra]/ Níl áit ar bith is mó feáll ná an sliabh, má tá ocras ar dhuine nó oíche dhubh ann = bíonn sliabh gortach ann agus poill bháite / Más feall filleann = filleann feáll = an té a dhéanfas feáll is maith a ghabhfas sé as, nó déanfar feall air fhéin aríst, nó bainfear díoltas dhe /[Tuilleadh ghéar den diabhal aige anois! Ba bheag an scruball a bhí aige fhéin an fear bocht sin thiar a mharú. É a mharú a rinne sé scáth ar fhága sé beó dhe. Sé cóir Dé é anois gur eirigh an cleas céanna dhó fhéin. Más feáll filleann]/ An té a dhéanfas an droch-rud ní truaighe ar bith má theagann sé ar a mhéis fhéin aige aríst. Filleann feáll adeir siad. [Chonnaic mise an scaibhtéara sin thuas ag siúl ar an mbaile, ach is furasta cur chuige anois]/ Bhí an buille feille ariamh ag (: sna freisin) na Micileachaí = thiúrfaidís an buille marfach uatha nuair nach mbeadh súil ar bith leis, agus ingan fhios [deirtear buille feill freisin agus buille feidheall (: f ' ə i ɫ), ach buille feille is minice (: f ' e ɫ ' ə) / "Faltanas mhuintir Laidhe agus buille feidheall (: feille f ' ə i ɫ : f ' ə i ɫ '. Tá sé ar chomhfhuaim le "Laidhe") Chlann nDoncha" = bhí sé de cháil ar Chlann nDoncha go raibh an buille feille ionta, agus go raibh faltanas i muintir Laidhe /[Bhí sé sin san dualgas aige. Nar chuala tú ariamh faoi bhuille feill Chlann nDoncha / Thug sé an buille feille uaidh; agus leig sé leis fhéin annsin. / Fanadh duine ar bith a bhfuil a leas ar Dhia uaidh sin. Tá an buille feille ann. Bhí agus i chuile dhuine dhá dhreám. Chuirfeadh a athair dhá chrích Mhuire thrín a chéile / Ní raibh aon-tuilleamaí aige siúd le aonduine aca, ná le aon-bheirt aca dhá dteigheadh sé chuige sin, marach an buille feille. Sin é a d'fhága ar lár é.]/ B'fhurasta a smíochadh. Níl spreacadh dreóil -ín ann, ach cár fhága tú an buille feille. Sin é an anachain i gcomhnaí /

Is mór an feáll nach raibh tú annseo ó thrathnóna. Bhí M. Ph. Sh. againn agus go deimhin gheobhfá cuideachta air = is mór an truaighe /[Is mór an feáll go bhfuil sé buailte suas. Dhá mbeadh sea ar bith ann muis, d'fheicfeá ar cuairt é na hoícheanntaí seo. Ní raibh léamh ar bith air / Ba mhór an feáll an bhudóg sin a dhíol. An-údar bó a bhí inte / Ba mhór an feáll cead a thabhairt don fhéar sin lobhadh ab ea? Níorbh fheall go dtí é, a dhuine sin. Séard a bhí le déanamh le fear ar bith a bheadh cho sleamchúiseach sin a chuid talúna a bhaint dó, mar níl aon-ghnatha do thalamh ag án a leithide]/ Ná bac le feáll a mhic ó. Ní feáll go dtí é! Tá an oiread talúna ag dul amú annsin cheal aire, agus a mhairfeadh comhluadair air gan stró ar bith. Ach cén mhaith a bheith ag caint? / Níl aon-fheall go héag ach nach mbaintear an fheamainn siúd. Scoth leasú a bheadh innte / Níl feall go héag ach gur leigeadh leis é. Ba dona an dream sib. Breá nar bhac sib é? Dhá mba fear aithean-tais a dhéanfadh é, mo choinsias is maith gasta a bheadh triúr agus ceathair agaibh ag fuagairt air /[Níl feáll faoin domhan ach nach aige atá posta Mh. Mh. Sin é an uair a d'fheicfeá an suíochan ag dul ar an tír. Ó a mhac go deó! Ní bheadh aon-chinneadh leis]/ Ná déan aon-fheall air ar chaoi ar bith. Bain dhó (: dhe) é, má tá tú indon, agus mara bhfuil bíodh leis. Dheamhan an fiú leath na cainte atá bainte amach aige é ar aon-chor / "Na trí ní is feálltaí: cois capaill, fiacail madadh, focal duine uasail" / Déarfadh na seandaoine fhéin nach bhfuil rud ar bith cho feálltach le focal duine uasail, ach fuair mise le léamh é inniu. [Ach mo chreach an duine uasal, arsa tusa. Duine uasal anuas de lota na gcearc]/ Is maith nach mór do dhuine a bheith ar a áirdeall fhéin ar fhiacail an mhadaidh. Bíonn sé fealltach, adeir siad. Ach is fusa do dhuine a láimh a choinneál uaidh ná a thabhairt as a bhéal / Tá sé dubh-fhealltach. Má fhaghann sé deis ar bith ort, beidh a fhios agad é / Tá sruthannaí an-fhealltach soir annsin. Ní bheadh aon-ghnatha ag aineólaí le currach ann /[Tá an poll sin fealltach san oíche mara mbeadh an-eólas agad ann. Ní chuimhneódh duine go mbeadh cor ar bith san gcasán, nó go gcuirfí ar a bhéal agus ar a fhiacla le fánaidh é]/ Choinnigh sé an faltanas sin istigh ariamh ó shoin dom = olc, aicís, rud in m'aghaidh /[Má bhíonn údar ar bith aige choíchin duit,

coinneóidh sé an faltanas istigh go deó go bhfagha sé a shásamh / Is beag dhá chuid faltanais dom an iarraidh sin. 'Ar ndú' bhuail mé dual na druinne air cupla bliain ó shoin i nG. / Sin é anois ar dhúirt mé leis. Dheamhan smid eile, agus ní abróinn an méid sin fhéin, mar gur chuir sé chun caitheacht -ála dhom é. Ach dhá laghad é, tá an faltanas sin aige dom, agus má tá indán agus go bhfuighe sé fáill go deó, bainfidh sé siar asam é]/ Má tá faltanas aige dhuit ídeóidh sé ort é. Sin é an sórt duine é. Dhá mbeadh sé fiche bliain indiaidh a shásamh, beidh sé ar siúl go bhfagha sé san deireadh é / Chaith sé amach M. as faltanas, in áit nar thaithnigh muintir na háite leis. Dheamhan fáth eile a bhí aige dhó /[Chuir siad as an mbóthar é, as faltanas faoi nach rachadh sé ag iarraidh bhótannaí dóibh / Tháinig sé isteach annseo ag fuagairt foghlach, agus chreidim go mba bheag leis a bhfuair sé de shásamh. Diabhal blas a rinne sé ach breith ar an gclog agus a bhriseadh as faltanas]/ D'eirigh siad roimhe i bhfaltanas (as faltanas) agus thug siad leath-mharú air / Chaith sé seachtain ag béal an bhóthair ag faire orm chuile oíche i bhfaltanas go n-ionnsuíodh sé mé. Ach níor thug mé an dóigh dhó. D'fhan mé uaidh / Má tá splinnc ná feálltanas ar bith agad dó, anois do dheis. Ionnsuigh é / Is fealladóir ceart é. D'fhága sé annsin muid, nuair a tháinig an gábh orainn / Sin fealladóir a mhic ó. Má tá olc ná aicís aige sin duit, ní maith an cúnamh duit é. Íocfaidh tú ann / Is fealladóir de sclamhaire bhradach é S. sin. Ní cliú ar bith dhó an cleas a rinne sé an oíche faoi dheireadh / Duine ar bith nach dtiocfadh ag cosaint a chomharsan, agus é ingéar-cháll mar sin, agus dhá bhualadh, níl ann ach fealladóir]/ Más i gcleithiúnas A. atá tú, ní bheidh tú ro-bhuíoch duit fhéin. Feallfaidh sé ort (: loicfidh, clisfidh. He will let you down; he will play the "dirty" on you / 'Ar ndú gheall sé a theacht in éindigh linn, agus d'fheall sé orainn. Bhí muid taobh leis an triúr againn fhéin annsin / [Chonnaic muid cheana an rud a rinne sé. Thairg sé labhairt le J. B. dhuinn, faoin talamh. Labhair, ach d'fheall sé orainn. Séard adúirt sé leis, gur an iomarca talúna a bhí againn cheana, agus go raibh a leath 'un báin orainn cheal saothruithe]/ Ní féidir gur fealladh orm a dhéanfadh sé. Dar fiadh má sea muise, ní bheidh aige ach malrait. Gheobhaidh sé garbh uaimse é /

Forcamhás: Ainm Bhriathar = ag faire go priaclach, ar rud a mbeitheá ag tnuthán leis; a bheith ag fanacht nó ag leimhéar -acht go bhfaighteá deis ar rud le leas a bhaint as; ag "fosaíocht" le rud; i dtuilleamaí; i gcleithiúnas.

Cuirfidh mé cupla fód móna síos, agus gan sib a bheith ag forcamh-ás ar dhá splainnc annsin = ag faire orra; sib a bheith in a gcleithiúnas /[Ní mé céard atá sé a dhéanamh annseo thíos faoin gclaidhe. Ag forcamhás ar bhean, déarfainn. Tá sí imithe soir = ag faire uirre go priaclach / Ní leigfeadh an leisce dhó a dhul ar an bportach le asal srathrach agus ualach móna a thabhairt abhaile. Is fhearr leis ag forcamhás ar leoraí, agus maircíocht a fháil go dtí an portach, agus máilín móna a thabhairt leis anuas ar a bharr.]/ Nach diabhlaí an forcamhás atá air! Dheamhan greim a d'ith sé ó mhaidin ach ag breathnú síos thar claidhe ingarraí J. Síleann sé go bhfuil maith ar chuid na comharsan thar a chuid fhéin = asal ag breathnú go beóphianta thar claidhe /[Más ag forcámhas ar thalamh an uncail atá sé muis, tá faitíos orm gurb é féithiú an tsionnaigh ar magarlaí an tairbh aige é, mar adeir an ceann eile. Tá sé cho dóigh go bpósfaidh an t-uncail siúd aríst. Fear luath láidir é / Thoir timpeall ar tigh T. J. a chaitheas sé a shaol anois. Ag imeacht ag forcamhás ar na coirnéil, ag ceapadh go n-iarrfadh aon duine isteach l'aghaidh pionta é]/ Chaith sé uair an chloig ag forcamhás orm ag ceapadh go dtairgfinn deoch dhó, ach dheamhan é muis. / Tabhair cic don mhadadh bhradach sin agus ná bíodh sé ag forcamhás mar sin ort agus thú ag ithe do bhéilí. Thú fhéin a mhill é. Nó gur thosaigh tusa ag caitheamh giotaí aráin aige, bhí sé sin an-mhúinte. Luighfeadh sé san gclúid / Is suarach an éadáil a bheith ag forcamhás ar an scillingín "dole" sin. Dhá mbeadh déanamh ar bith dhá uireasa ag duine, b'fhearr dhó uaidh é, agus gan a bheith dhá mheath féin leis. / Sin í a cheird sin. Ag fánóireacht fud an bhaile agus ag forcamhás feaint (: féachaint) a bhfuigheadh sé rud ar bith le goid / Tá an cut sin ag forcamhás ar rud eicínt thoir ag an gcró ó mhaidin, mara francach a airíos sé ann /

Fuis: Fuis Fais: Ainmfhocal; leagan Ainmfhoclach = (i) beannú; caidéis, aighneas, araoid. (ii) seafóid, caint ar sraith. (iii) éirim; breithiúnas, tuiscint, adhmad, léargas, ciall, meabhair.

Sin fuis fais = sin seafóid, caint ar sraith. / Cé aige ar chuala tú an fuis fais sin? … Go deimhin is geall le rud adéarfadh sé é /[Ná bac leis an múineadh atá gasúir a fháil anois. Gaeilge ar fad, agus gur an iomarca dhi atá aca cheana. Tá a mh'anam a dhá ndíol. Fuis fais uiliog í an Ghaeilge chéanna. Dheamhan lá den ádh a chonnaic mé ar an saol ó a thosuigh sí ag teacht amach]/ Ara ná géill dóibh sin. Fuis fais ar fad a innseós siad sin duit. Dhéanfaidís an oiread bréag agus a dhéanfadh madadh de shodar / Ní chuireann siad fuis ná fais ar a chéile = ní chuireann siad fuis ar a chéile = ní chuir-eann siad aon-aighneas ar a chéile = ní bheannuíonn siad dhá chéile / Dheamhan a fhios agam céard is cor dó. Is fadó ariamh an lá nar chuir mé fuis ná fais air. Níl muid an -gheal dhá chéile chor ar bith / Ní chuireann sé fuis ar bith orm-sa, agus m'anam go bhfuil mé amhlaidh leis. /[Sílim nach gcuireann an sagart fuis ná fais air, ón uair sin fadó nach dtiúrfadh sé a thuarastal dó. Chonnaic mé ag dul thairis siar é an lá cheana, agus níor chuir siad aon-araoid ar a chéile / Th'anam ón diabhal tú a fhleascaigh ná caill go deó é! Bíodh teacht i láthair fir ionnad, agus seas amach roimpe seo anoir, agus cuir fuis uirre. Má thugann sí aon-thaithneamh dhuit, tá an báire leat]/ Ara dheamhan fuis ná fais a fuair mise ar a cuid cainte = níor fhéad mé aon-mheabhair nó aon-adhmad a bhaint aisti / Níl fuis ná fais le fáil air, nuair a bhíos aon-deóir ólta aige. Is cuma leis é, ach ag síorádh leis mar sin / Tá sé cinnt ormsa fuis ná fais a fháil ar an bpáipéar seo. 'Ar ndú' sé mo scil ann é arsa tusa. Tá siad ag fiafraí ann ar chuma ar bith a bhfuil aon-phínn san mbeainc agad! /[An t-aos óg atá san rota seo anois, ní bhfaightheá fuis ná fais orra. Dar brí an leabhair an dream a bhí ann agus mise in mo bhithin óg, dhá ndéaraidís leat go ndéanfaidís rud, dhéanfaidís é, ach iad seo … !]/

Fál: Ainmfhocal, Fireann (: Geiniúnach Uathaidh: an fháil; Ainmneach Iolraidh
: na fálta) = claidhe, sconnsa, múr nó a leithide; claidhe sceach; leasú
nó cosaint ar bharr claidhe; treampán; áit chosanta; cumhdach.
Fálú, Faluím etc.: fál a chur; claidhe a chur ar áit, nó a sháinniú.

Trí bhuadh an fhir mhaith: fál, faire, mochóirí / Más iad trí bhuadh an
fhir mhaith fál faire agus mochoirí, ní fear maith é seo thíos. Níl fál
ag gabhail leis anois nach bhfuil foghluithe, agus chidh Dia muise nach mochóir-
each maith é / Treabhadh garbh agus pona(?) mín: cuir síol agus déan
fál = comhairle d'fheilméara / Maireann an chraobh ar an bhfál
ach ní mhaireann an láimh a chuir = is beag an rud is buaine ná
an duine = is buaine saothar duine ná é féin /[M. go ndéanaidh
Dia grásta air a chuir an crann sin. Is beag an cheapadh a bhí againn
an lá ar chuir sé é sin, go mbeadh sé san gcréafóig bliain ón
lá sin. Maireann an chraobh ar an bhfál ach ní mhaireann an
láimh a chuir / Más leat an garraí siúd a choisint l'aghaidh féir
imbliana, ní fuláir duit fál thairis siúd a chur air / Ní
mór na fálta siúd a thógáil. Tá siad leagha go talamh / Níl
claidheachaí ar bith suas ag Baile Locha Riach. Fálta uilig atá
ann = fálta sceach]/ Ní raibh san áit sin ar fad ach faslach, agus
diabhal asna dhó-san nar chuir fál leis. Tá sé ag tabhairt fhataí
anois dó / M'anam dhá gcuirtheá fál ar an ngiodán sin i lúibinn
an bhóithrín, go ndéanfadh sé áit iothlainne dhuit. Diabhal duine a
ghabhfas in a bhárr ort, ná cuid dhá dhul /[M'anam más leis a dhul
ag fuagairt foghlach go gcaithfidh sé deis a chur ar a chuid fálta
thar mar atá orra / Ag déanamh fáil atá siad le dhá lá. Sea agus claidhe
dúshlánach. Tá siad ag cur balla fidín in íochtar agus clocha coiléir as sin
suas]/ Is aice atá an fál sceach ar an ngarraí siúd thíos = sceacha agus
craobhrachaí i mbarr an chlaidhe i gcruth agus dhá mbeadh an claidhe fhéin
feidhearha nar bhaol dó foghail ingeall ar na sceacha / Ní theigheann
sídheóg thar fhál tórann adeir siad = níor mhór uisce tórann
a bheith ann dar le tuilleadh / Cuirtear naoineáin gan baisteadh san
bhfál tórann / Níor mhór don chriathrach sin fál tórann. Dheamhan
caoi ar bith air mar atá sé. Ar an gcriathrach se'againne a

bhíos caoirigh Sh. Mh. ar fad, ach dúbhshlán na gcaoirigh se'againne a dhul soir ar a gcuid-siadsan. Ma theigheann is maith éascaidh a bhéas madadh saghdha anoir asta aríst / Seo é anois an fál tórann. Leis an mbaile thiar é uaidh sin síos / Bhíodh fál buaile ann an uair sin = talamh comhair ag baile pailitéaraí nó a leithide, le haghaidh cimín; an limistéar talún buaile a bheadh ag baile san am a mbíodh beithigh dhá gcur ar buaile (fc. fosaíocht) /[Sí an tamhnach sin an fál buaile a bhí ag Clochar É. san am a raibh comhnaí ann. Is maith an scathamh é sin anois. Tá na sean-bhallaí ann fós / Ní raibh tada in uachtar an bhaile seo san sean-reacht ach fál buaile. Roinneadh amach annsin é, agus fuair chuile dhuine a chuid fhéin di]/ Tá mé in mo chuaille fáil anois = in mo bhambairne, in mo staic, gan a fhios agam céard is fhearr dom a dhéanamh; "stuck" (fc. cuaille) / Shílfeá nach fál ar bith atá ort nach bhféadfá a theacht ar cuairt = nach bhfuil teampán nó bacainn ar bith ort /[Teagadh sé isteach más breá leis é, nó mara breá fanadh sé uainn. Níl duine ar bith ag cur aon-fhál air / Cén fál a bhí ort nach bhféadfá a dhul síos agus labhairt leis / Níl fál ar bith air, nach bhféadfadh sé a dhul 'na chladaigh agus a chuid den fheamainn a bheith aige cho maith le duine]/ An mar gheall ar an "mbicycle" atá tú ag loiceadh. Ní fál go haer é. Tá sean-cheann annseo agus tiúrfaidh sé ann thú le gaoith a chur ann = is féidir a theacht uaidh sin; ní bacainn do-sháruithe é sin /[Más cheal airgid atá do do choinneál as, ní fál go haer é. Tá leoraí geallta a thiacht chugamsa amáireach le móin a cheannacht uaim. Díol thusa do chuid fhéin leis in mo leabaidh]/ Ní raibh fál ná fálach aige le dhul ar fascadh = fascadh ná dídean; áit chosanta / Bhí cúigear aca in mo dhiaidh agus gan fál ná fálach agam le dhul uatha. Isteach liom tigh Th. Sh. faoi dheireadh, agus d'fhuagair mé cara agus coimirce air / Níor fháluigh siad an tsráid ag an teach nuadh fós = fál a chur uirre / Tá mé ag fálú garraí eile anois, agus b'fhéidir go saothróinn é imbliana le cúnamh Dé = píosa sléibhe / Bhí aca an áit siúd a

fhálú. D'fhálódh freisin dhá gcuirtí tréas orra. Fálaíonn an Land Commission áit ar bith mar sin a bhíos siad a roinnt / Tá cion garraí fágha annsin thuas gan fálú. Dheamhan ann ach leac, ach By Dad, gheobhadh beithigh tiomsacht ann san samhradh / Sé fálú an ghairdín é th'éis na foghla(ch) = fál ar an ngort indiaidh na foghlach etc. (fc. foghail) /[Níl cead ag aonduine a dhul ag fálú cuid an bhaile mar sin. Is dona an baile a leigfeadh leis é. 'Ar ndú' bhí leath na tíre in a bpailitéaraí roimhe seo, nó gur fháluigh siad talamh mar sin. Dheamhan tréas a bhí dhá chur orra san am sin.]/

Feadh: ar feadh = Ainmfhocal; Fireann; Rádh Reamhfhoclach. Feadh = fad sé troithe nó fathom ag tomhais dorú nó ag tomhais domhainn uisce. [Feá, adeirtear go hiondúil, ach deirtear fea freisin] / Ar feadh = (i) "i gcaitheamh", "cho uain agus", "maidir le am", during, "throughout". (ii) fad, réim, síneadh, i bhfoigseacht. (iii) whilst that, considering that, when, when that, provided that etc. [Is doiligh comhfhocla a mhíneódh ciall a (iii) a chur ar fáil, i mBéarla ná in Gaeilge, mar is iomdha casadh a bhaintear as i gcainnt. Leagan an-choitianta (ii) agus (iii) cho maith le (i)] [Fágtar an "ar" ar lár le "ar feadh" go minic go háirid más fuaim gutha atá roimhe. Is minice ar lár le (ii) agus (iii) é ná le (i). Fea (: f ' a) adeirtear ní "feádh".]

Bhí sé feadh déag de dhorú aige / Níor mhór dhuit sé feadh déag ar an meath mhóir /[Is gearr ar an bpoll báite siúd amuigh deich bhfeadh / Ní dhéanfadh cheithre feadh san stupóig thú, agus ní mó ná idir dhá uisce a ghabhfadh sé amuigh annsiúd / Thug muid leigean hocht bhféadh déag don chailleach. Níorbh fhuláir di sin go mbuailfeadh sí tóin (fc. cailleach).]/ Tá an áit siúd fiche feadh ar domhainn = tá domhainn fiche feadh ann / Ní tada ar dhomhainn mar atá annsiúd chúig feadh déag de dhorú // Bhí sé ann ar feadh an lae = i gcaitheamh an lae = during the whole course of the day / Ná bí ar feadh na hoíche dhá dhéanamh (ar feadh na bliana, na seachtaine na míosa, do shaoil, an trathnóna, an Earraigh, na Nollag, agus rl.) / D'fhan sé liom ar feadh an dínnéir / Níor fhága sé mé feadh na bainse / An raibh sé amuigh ar feadh an ama ar fad / Bhí sé ag obair feadh na báistí / Bhí na fataí sin ar an iomaire feadh an tseaca / Níor ith sé gionnóid ar

feadh an tslaghdáin / Sén áit a raibh sé ar feadh na nurchair sínte faoin mbord / Cá raibh sé ar feadh na troda? / Ní fhaca mise é ar feadh an achair = all during the time or period in question / D'fhan sé istigh ar feadh na fuide. Ní chorródh sé amach ar bhás an domhain gur imigh D. = during all that time]/ An raibh tusa in do chodladh ar feadh na fuide? / D'fhan sé ar feadh scathamh = for a while / D'éist sé ar feadh an scéil = chomh uain agus a bhí an scéal dhá innseacht / Theigheadh muid ann chuile oíche ar feadh na gealaí = whilst the moon lasted /[Bhí sé amuigh ag obair ar feadh an aitealla, ach nuair a tháinig sé in a bháistigh arís, chrap sé leis isteach / Cá raibh tú ar feadh na tóirní móire? / Bhí mé san gcladach chuile lá ar feadh an rabharta / Theagadh sé annseo go minic ar feadh an teach a bheith dhá dhéanamh = nuair a bhí an teach dhá dhéanamh]/ Ní fheicfidh tú é ach ar feadh an mhóin (: na móna freisin) a bheith dhá baint = whilst that the turf is being cut / Síos ag bun na habhann a bhéas sé ar feadh na dolaíocht(a), ag tnúthán go gcaithfí liathán aige / Shiúil sé síos uilig ar feadh (feadh) an gharraí = ar fhad an gharraí; ó ceann go ceann di; nó ón áit ar thosaigh sé as go dtí ceann an gharraí /[Bhí sé ag báisteach orainn ar feadh an bhóthair uilig go Gaillimh / Tháinig dhá shearrach anoir aice ar feadh an aonaigh = ó cheann thoir an aonaigh go dtí an an ceann thiar / Chonnaic mé ag dul síos é feadh an sconnsa, ach níl a fhios agam cén padhar a ndeachaidh sé annsin]/ Deir tú le Franncach a chonnaic mé an lá cheana ag siúl siar ar feadh cíor an tí. M'anam gur shiúil go binn / Rith sé síos feadh na haibhne, agus é ag breathnú indiaidh a leicinn, feaint a bhfeicfeadh sé áth ar bith a ngabhfadh sé anonn (: go dtí an taobh eile) inte / Tá an driog suas anois ar feadh mo choise ón rúitín aníos /[Shiúil sé soir feadh na dúirlinne ag forcamhás ar fheamainn dearg / Tá an cnáimh briste síos feadh na láimhe uiliog / Tá na leásáin soir feadh na hiomaire ón gclaise sruth go claidhe. 'Deile céard a chart í (: feamainn) ach cearca? / Tá na runga briste suas ar feadh an dréimire ar fad]/ Shiúil sí síos ar feadh an phobail (i dteach an phobail) / Ní dhéanfaidh sib arís é ar feadh mise a bheith réidh lib = ach a mbeidh mise réidh lib; a thúisce agus a bhéas mise réidh lib. / Gabhfaidh mé ann feadh's an mhóin a bheith díolta agam /

Tá an sionnach socair go leór anois, ach déanfaidh sé lot feadh's an chuain a bheith aige aríst = ach a mbeidh; nuair a bhéas /[Scuirfidh mé ar feadh an ghitín (iomaire) seo a bheith curha agam / Cuirfidh mé tosaí orra (ar bhróga), feadh's mé leathar a fháil]/ Sin é a mbeidh (nó a bhfuil) de shaol aige: ar feadh mise a dhul ar ais abhaile = nuair a shroichfeas mise an baile maróidh mé é /[Ní ghabhfaidh sé i mbrad-aíl aríst feadh T. greim a fháil air (feadh T. ag fáil greim air) / Ní bheidh stró ar bith orainn a árdú ar feadh an bheirt eile a theacht / Cuirfidh mé scéala chugad ar feadh mé a theacht go Baile Átha Cliath]/ Ní bheidh cheal ar bith ar an mbean anois, ach ar feadh a fear a bheith i Sasana (: nuair a ghabhfas sé go Sasana) Coinneóidh sé deóladh anall léithe. / Trí mhíle a chosain an séipéal sin. Chuir an sagart míle punt igcomórtas na hoibre ar feadh cloiche agus gaineamh a bheith tarraingithe. Rinne muinntir na háite an méid sin in aisce. Dhá mhíle eile a chosain an tsaoir-sinn agus an troscán = nuair a bhí clocha etc. tarraing -ithe; ach clocha etc.; le cur i gcás go raibh clocha etc. /[Ní fiú a bheith ag plé le fataí ná le cur anois. Ar feadh fear a bheith ag obair leo. Céard a bhíos dhá mbarr le hais móna = considering that a man works hard or for a long time sowing etc. he has nothing for his troubles / Sílimse go mb' fhearr leigint den fheamainn uiliog ar feadh an méid a bheadh déanta ag fear léithe. Tá an t-aoileach agus an diúain in a leasú cho maith lá ar bith = is beag fheamainn atá fear indon a bhaint agus a chruinniú cé go gcaitheann sé achar fada in a héadan / Ar feadh agus a raibh de bharr an churaigh sin ó a ceannaíodh í, bhí sé cho maith a bheith dhá huir-easa. Dheamhan ceó a buachadh uirre. Níor baineadh bord feamainne léithe, agus níor mharuigh sí breac le dhá bhliain]/ Caithfidh sib fhéin í a dhéanamh feasta, ar feadh agus a ndéanfaidh mise dhi (: obair) = ní dhéanfaidh mise mórán oibre feasta ("for all I will do") / Ní bhíonn aon-tsásamh aige, ar feadh cupla pionnta pórtair a bheith ólta aige, gan tosaí ag bollaireacht agus ag tarraint achrainn = nuair a bhíos cupla pionnta agus rl.; ar an dá luath agus a mbíonn /[Ní fiú an tairbhe an trioblóid ar feadh agus a bhfaghann duine d'anró uatha. = ní fiú a bheith ag coinneál muc

agus a bhfuil d'anró le fáil uatha / Bhí sé cho maith do dhuine fanacht san mbaile ar feadh a raibh le fáil annsiúd aige. Ní raibh inte ach ainm bainse. Dheamhan cárt fuisce a roínneadh ann ar feadh na hoíche / Faraor má cheannuigh mé chor ar bith é, ar feadh a bhfuil de mhaith ann. = níl aon-mhaith ann, rud gan mhaith é]/ Tá sé an-chaifeach ar feadh's breith ar chupla punt in a láimh = nuair a bheireas sé ar chupla punt — nuair a fhaghas sé é — caitheann sé go frasach é / Ní chorródh sé amach go deó i gcíonn a chuid oibre, ar feadh leabhar ná páipéar a fháil in a láimh /[Deich bpunt fhichead a chuaigh siad (: muca a díoladh). Ach ar feadh bran, fataí, agus bainne a bheith bainte as sin (: luach a gcothuithe a bheith bainte as), is slabhctha an éadáil a mbeadh le cois agad / Bhí sé an-tsaghdha in aghaidh an "Ghovernment". Ach ar feadh agus an pinsean a fháil, mise i mbannaí nar chuala aonduine mórán fuasaoid' aige ó shoin]/ Ní chomhnaíonn sé ar feadh scéal ar bith a chloisteáil, go dteighe sé agus go n-innsighe sé don duine é a bhfuil an "trom trom" air. Is leath tógáil air, biadán a bheith len innseacht aige / Bhí daoine soir ar fad ar feadh m'amharc = cho fada agus a bhí feiceál agam / Chonnaic mé carrannaí rómham ar feadh m'amharc. Diabhal a leithide de scuaidrín! Bhí céad ann, má bhí ceann ann /

An Fhrainnc, Franncach: Ainmfhocla
An Fhrainc = tír (Buineann). Fraincís (: an Fhraincís: an teanga)
Franncach = (i) fear ón bhFrainnc (Ainmfhocal Fireann). (ii) Aidiacht in a Ainmfhocal; é Fireann agus Buineann = luch mhór. (iii) Aidiacht : mór, láidir, neartuithe, gallda, cuideán.

Fíon na Spáinne, dair Shasana agus fir na Frainnce: na trí rudaí is láidre ar bith / Bhí fear annsin thoir anuiridh. Ba Franncach é = fear ón bhFrainnc /[Ba bheag an seasamh a rinne na Franncaigh idtús an chogaidh seo]/ Tá cirín cho dearg air le coileach Franncach = turkey / Ní fhaca tú na cearca Franncach seo = turkey hens / Luch Fhranncach a bhí ann = rat [ach Franncach is mó a thugtar uirre. Deir daoine luch Fhranncach mar sin fhéin] / An

bhfaca tú an franncach mór a bhí maruithe ar an mbóthar inné? (ach "an fhranncach mhór" freisin. Tá innscin an fhocail seo mar aidiacht idir chamánaí] / Bhí franncach annsin thoir inniu, agus ba í an ceann ab áibhéile dhá bhfaca mé ariamh í / D'fhága mé súileóg fhataí scarha annsin thiar inniu, ar a theacht isteach chuig mo dhinnéar dhom, agus meastú nach raibh chuile shíol ariamh ann tárluithe léithe ag franncach ar feadh agus mé a dhul soir.
Istigh i leachta a bhí sí. Bheadh scéal aice air, dhá mbeadh aon-rath leis an madadh, ach níl / Bhí tornóg (tsornóg, sornóg) Fhranncach annsin thuas ag M. Bh. fadó, agus é ag dóghadh aoil innte. Is gearr ó réabadh chor ar bith í = tsornóg láidir dhéanta, agus méid inte /[Nach hé a shíl an tsornóg Fhranncach a dhéanamh ann! / Tornógaí Franncach a bhíodh suas an bealach sin, mar dhóighidís an domhan go deó aoil le cur ar an talamh. Na tornógaí a bhíodh annseo, déanta gaelach a bhídís / Tá tornógaí franncach ar an Taobh Mín ó a thosuigh an cogadh seo. Deir siad nach bhfuil scolb ná tom anois ann nach bhfuil dóite aca. A Thiarna Dé b'ann a bhí máith-reach na scoilb / Tá an píopa in a thornóig fhranncach aige seo anuas. Plúchfaidh sé an tír le deatach = go leór deataí as píopa / Tá sáilín Fhranncach ar an gcrudh sin.
Sé a chuir an spreacadh ann = crudh a mbeadh déanamh láidir ar a sháil / Sin í an raithneach Fhranncach anois agad = cineál raithní; í mór, árd agus láidir, ach is cineál gallda í mar sin fhéin / Tá aiteann Franncach annseo thuas = aiteann mór láidir borb, agus bláth buí air / Má chuireann tú an t-aiteann Franncach sin thrídh lasadh, feicfidh tú loscadh sléibhe / Rinne muid gróigíní Franncacha den mhóin = fód ar an talamh agus dhá fhód ar a gceann treasna air; ach measaim gurb air ghróigeadh níos mó ná sin a thugtar in áiteachaí é. /[B'fhearr dhuit an gróigeadh franncach a thabhairt uirre. Tá cothú an uisce an-mhór san bplás. Dhá mbeadh sí tóighe as a scaradh chor ar bith mar sin fhéin, ní aireóchthá ag triomú í / Ara níl call ar bith dhuit gróigíní Franncach a dhéanamh di sin. Cuir

in a seasamh ar a ceann í, agus ní bheidh moill ar bith uirre go mbeidh sí in alt a haithghróigeadh / Sin uaim Fhranncach atá ar an éadach sin = nuair a bheadh dhá phíosa éadaigh uaimeáilte le chéile le gúna nó ball éadaigh mar sin a dhéanamh dhíob, agus an t-éadach a chur taobh bun as cionn agus annsin é a fhúáil. Bheadh sé fuaite roimhe sin faoin a dhruim. Uaim fhranncach a thugtar ar na fúálachaí ar fad. Tugtar fúáláchaí franncach freisin ar fhúáil threasna .i. nuair a bheadh ná snáithíochaí crasáilte /

Fabht: Ainmfhocal, Fireann = lofacht; mífhollantás, dochar, droch-fháisc, feall, mírún; fabhtáil: Ainmfhocal: límistéar an fhabht; méid an fhabht; an méid de rud a bheadh fabhtach. Fabhtach: Fabhtúil: Aidiacht as fabht = lofa, mífholláin; fealltach tolgha. Fabhtú: Briathar = a dhéanamh lofa; a chur chun mífollántais, a tholgadh; dochar a dhéanamh do rud, nó a chur chun óthrais.

Cho siúrailte agus atá an chluais ar mo leiceann-sa, tá fabht san mbó sin. Marach go bhfuil ní scarfadh sé léithe ar amhrán mar sin. Is maith an scéalaí í an aimsir = mí-fhollántas nó ainimh nach raibh follasach; í a bheith tolgha taobh istigh / [Tá sé ag cinnt ar na dochtúir an fabht a fháil, má tá fabht ar bith air. Seo é an tríomhadh huair ar fhoscail siad air. Tá sé mar bheadh sean-tiúb "bicycle" faoin a lámha / An bhfeiceann tú an fata sin. Fata breágh gáireach (gártha, gárach) é. Cuirfidh mé mo rogha geall leat go bhfuil fabht in a dheidh sin ann. Scoilt leis an scian é … Nachar dhúirt mé leat! / San rúitín atá an fabht. Airím mar bheadh meach ag tabhairt gath dhom istigh ann]/ Bain an fhabhtáil as an meaingil sin. Scríob amach leis an scian as é. Sin meaingil breá, agus ba é an feáll é a chaitheamh amach = an méid dhe a bhí lofa / Osclóidh siad air (: óthar) agus bainfidh siad an fhabhtáil as / Cailleadh an bhó inné. D'oscail muid uirre. Ní fabht a bhí

inte ach fabhtannaí. Dhá mbeadh sí taobh le fabht níor chás
é /[Shílfeá nach leaghfadh an t-im in a bhéal, ach mo léan
géar tá an fabht annsin in a dheidh sin. Bheadh sé ag
dul siar in do bhéal, agus ghabhfadh sé suas annsin agus
ghoidfeadh sé do chuid móna / Is leat ar fad í. Tá sí cho
spleách cho pléascánta, agus go sílfeá nach bhfuil aonduine
faoin domhan cho lách léithe. Ach tá an fabht inte in a dhiadh
sin. Ghabhfadh sí amach uait agus d'íosfadh sí agus liobródh sí thú
leis an gcomharsa / Más bó fhabhtach í, beidh athchur ann]/ Bhuail siad air
an bhean fhabhtúil. Narb é an leibide é agus í a ghlacadh? / Tá leath
na bhfataí atá muid a bhaint fabhtach. Dheamhan ceann slán ar bith
ar na híochtair. Sna mullaigh fhéin is fhearr iad /[Tá neart bladair
ag S. Ph. Mh. ach ní fhágann sin nach bhfuil sé fabhtach. Sé atá.
Dheamhan fear a chonnaic tú ariamh is éascaidh a d'imreódh an cluiche
claonach ort ná é. = fealltach]/ Sin é an chaoi a raibh Sasanach ariamh
: fabhtach = fealltach / Má fhaghann tú beirt a bhéas ceart gheobhaidh
tú duine in a dheidh sin a bhéas fabhtach, agus a dhíolfas an chuid
eile. Tá duine indon baile a scrios / Níl faitíos ar bith orm anois
ach go bhfabhtódh sí an ceann slán ó atá sí fhéin fabhtach = [súil]
= go gcuirfeadh sí an tsúil eile chun mífhollántais; chun
donacht / Má fhágann duine cupla fata lofa i bpoll, tá siad
indon an poll ar fad a fhabhtú. Chonnaic mé go minic é.
D'fhabhtódh agus clúid fhataí a bheadh i scioból agad
freisin / Deir na dochtúirí go bhfabhtóidh an dochar atá san
rúitín an chois suas ar fad. Dhá mbaintí an chois ón
rúitín anois dó, bheadh aige. Caillfidh sé ón gceathrú
ar ball í. Ach sén dá mhar a chéile an ballséire agus a ghiolla]/
Má fhágann duine puiteach mar sin istigh san "tyre", fabhtaíonn
sí na tiúbannaí. Sin é lom-chorp na fírinne / Is fadó an lá ó a
thosaigh sé ag fabhtú (: ag lobhadh nó ag dul chun mífhollántais istigh ann /

Firnéad: Ainmfhocal: Fireann = geinealach, neach, deóraí, duine
[Ní bhaintear leas as ach i leagan .i. firnéad an aoin bheo, firnéad an bhéil bheo]

Ní raibh firnéad an aoin-bheo (: ɛ̄n ʼ) ann romham = duine ar bith; neach
an aoin / Ní thóigfeadh sé firnéad an bhéil bheo as an mbaile seo, hébrí
cén fhuath a glac sé dóibh. Chreidim gur fuath fhéin é, ar scáth a ndearna
siad air. Ach dhá laghad an araoid a chuireadh fadó air, tá an faltanais aige dóibh fós /

Fóthach (: fōhəx, fōx) = Ainmfhocal, Fireann [ní theagann aon-chlaochló tuisil air. Uimhir Iolraidh: fóthachaí; fóthachannaí]

Fóthach = (i) meach chapaill. Feithideach mar a bheadh meach ann agus ar dhéanamh na meachan ach nach bhfuil méid na meachan ann. Sé a chuireas gath i gcaiple. An cleabhar a luigheas ar na beithigh. Nead ar nós cuasnóg mheachan a bhíos ag an bhfóthach. Gheobhfá i móinéir iad. Bíonn caonach orra. Is minic leó cuasnóg a dhéanamh freisin faoi sháil cloiche, i mbuntsop tighe. Níl sé éascaidh a gcuid cuasnóg a choilleadh. Bíonn ruibh orra, agus bheitheá foirghe le pláigh aca ar an toirt. Is maith a oibríos an té a thugas mil uatha. D'fhuileóidís ort as éadan. (ii) galra a bhíos ar chapaill agus ar asail. Dhá mbeadh gail as capall, agus a fágáil in a seasamh aon-achar lá fuar gan a clúdú, ghlacfadh sí fóthach. Teagann mealltrachaí uirre istigh idir an dá ghiall agus buaileann casacht í, agus annsin tosaíonn smaoiseannaí ag teacht anuas aisti. Faoi cheann tamall má theigheann sí chun bisigh, tiocfaidh sórt réama mar a bheadh bracha ann len a polláirí. Tá na mealltrachaí briste an uair sin agus í ag dul ar bhiseach. [An leigheas atá ar fhóthach: mám maith bran mór a fháil, agus uisce as an bhfiuchadh a chur air; é a chur i máilín, agus an máilín a chur ar chloigeann an chapaill, agus cead a thabhairt don ghail a dhul faoin a polláirí. Leigheasann sin í gan aon-achar. Chuala mé caint ar leigheas eicínt eile le slánlus nó le muingbheara, ach ní feasach mé céard é. Ach chonnaic mé leigheas an mháilín dhá dhéanamh go minic.]

Bíonn fóthach freisin ar dhuine, má bhíonn puthaíl air le liaganna nó mealltracha, nó tugtar ar mhion-chasacht é.

"Nar theighe an galra breac thar do chuid muc; go n-eirighe an galra glúiníneach ar do chuid géabha, fóch ar t'asal … agus rl." = eascainí bacaigh a leigfí amach gan aon-déirce. Is cuid de dheilín fhada é /[Cén sórt fóthach é sin ort: ag imeacht ag puthaíl i gcomhnaí. Tá an chasacht sin in a lionnán agad le sé seachtainí, agus beidh sí scathamh eile in do chrioslaigh, mara dtuga tú aire di, agus gan a bheith ag imeacht ag "rantáil" de shiúl oíche / Bhí liagannaí agus fóthach orm an uair chéanna]/ Tá fóthach glacha ag an asal sin. Bhí agaibh a chur ar stábla /

Faobhar: Ainmfhocal: Fireann; Geiniúnach Uathaidh agus Ainmneach Iolraidh: faobhair.
[Fuaim: fīwər; ach fʼīwər in áiteachaí agus ag daoine; fɛ̄wər in amhráin agus i leagain áiride]
Faobhar = Béal lainne (rásúr, speal etc.); géireadas, géarú; an taobh nó an barr géar de rud; "deimheas"; coin; gearradh; bís, díocas.
Faobharach: Aidiacht = géar, greamannach; connach, díocasach, beophianta, líofa

Bhí sé ag cur faobhar ar scian = ag géarú / Ag cur fhaobhair a bhí sé rómham / Níl a fhios agad le aon-fhaobhar a chur / Is beag an faobhar a iarrfas an rásúr sin an "turn" seo. Ní bhainfidh mé di ach an barr marbh (: den fheasóig). Má bhímse bearrha maoilscríobach féin, cé a bhéas ag breathnú orm? / Dhá mbeinnse léithe go deó, ní ghlacfadh sí (: rásúr) aon-fhaobhar uaim / Ní furasta leis an speal chéanna faobhar a ghlacadh / Is mó an faobhar a thastaíos uaithe seo ná ó do spealsa, mar is tanuíocha í / Is dona uait faobhar a chur suas / Má bhíonn tú ag cur suas fhaobhair choíchin cuir an speal ar do dheis i dtosach / Níl sí ach th'éis faobhar a dhul uirre = anois a cuireadh faobhar uirre / Ní dheachaidh aon-fhaobhar uirre le chúig bháighe / Dá mhine ghéire dhá gcuirfidh tú faobhar uirre (: speal) annsiúd, beidh an faobhar caite aice ar an toirt aríst. Bainfidh buin chréachtachaí agus feadógaí di é / Tá an faobhar caite ag an scian seo = tá sí maol aríst / Chaithfeadh an léana féir sin an faobhar ab'fhearr beó / Níl aon-mhaith i spealadóir mara bhfuil faobhar aige (gan faobhar) = mara bhfuil a fhios aige le speal a ghéarú ceart / Tá an-fhaobhar ag S. / Dheamhan faobhar rásúir aige pérbith céard a dhéanfas sé le faobhar féir / Ní raibh d'fhaobhar uirre (: rásúr) ach go scríobfadh sí mo leiceann, agus go raibh sí indon gearraíochaí a chur suas / Bhearrfadh sí an olann ar bharr an uisce le faobhar (le teann faobhair agus rl.) / Tá faobhar aige a bhearrfadh an olann ar bharr an uisce / San bhfaobhar atá baint an fhéir = ní maith spealadóir gan faobhar / Níl coinneál an fhaobhair san rásúr sin chor ar bith / Cuirtear faobhar ar speal nuair a bhíos móinéar críochnuithe = is gnás é / Bhí faobhar féir ar an speal nuair a thuit sé uirre = faobhar le dhul ag baint fhéir / Tá faobhar rásúir ar an scian seo /

"Muileata mael agus faebhar air" = deirtear é ag imirt chártaí.
Is leathfhocal é. Fuaimeanna "ae" i gcomhnaí ann / Faobhar a bhaineas
féar, adeir an Chailleach Béara. "Thug tú éitheach" a
chailleach", adeir an buachaill, "ní hea, ach fear maith agus
speal ghéar". = bhí sí ag fonóid faoi, mar bhí súil aice,
go mbeadh call faobhair dó chuile phuinnte, arae bhí
spílí cruadhaí sáite roimhe san mbáighe aice; is leath
fhocal é caint na Caillí Béara le linn spealadóireacht /
Tá faobhar chlaimhe Oscair a mharódh trí chéad ar a aghaidh,
trí chéad ar a chúl, agus trí chéad ar gach taebh dhe, ar an
rásúr seo = macalla ón bhFiannaíocht é seo, agus cuid de
na somplaí eile seo. Maireann siad san gcaint go fiú agus ag daoine nar
chuala mórán den fhianaíocht /[Cuir faobhar chlaimhe Oscair ar an
speal sin anois / Sén faobhar a chuir Céatach ar a chlaimhe:
faobhar 'un bearrha, faobhar 'un gearrha (faobhar chun sáite freisin), trí fhaobhar agus
treas-fhaobhar = faobhar 'un bearrha, faobhar 'un gearrha,
faobhar 'un treas, agus treas-fhaobhar [seóraí sna scéalta
faoi fhaobhar. Bíonn sé ag daoine nach mbeadh na scéalta féin aca,
agus ag cuid nar chuala ariamh iad] / Níl a fhios agam cé a chuirfeas
faobhar 'un sáite, faobhar 'un bearrha ar mo rásúr.] Nach
mé atá in mo chír thuaifill nach bhfuil faobhar agam fhéin /[Chuir
tú faobhar 'un gearrha uirre (: rásúr) ceart go leór ach níor
chuir tú faobhar 'un bearrha uirre = bhí an oiread géireadais
san rásúr agus go raibh sí dhá ghearradh, ach ní raibh sí indon
a bhearrha]/ "Bíonn chuile fhaobhar ag dul 'un sochair, agus gan
faobhar ar bith ag dul 'un dochair" = deirtear gurb é Samson
adúirt idtosach é /[Dúirt Samson go raibh chuile fhaobhar ag
dul chun sochair agus gan faobhar ar bith ag dul chun dochair. M'anam
muise gur un dochair atá siad ag dul annseo = chuir sé an
iomarca faobhair ar scian, agus ghearr sí a láimh / Cuirfidh sé siúd
foghairt (fogairt) agus faobhar uirre (= rásúr, speal etc.)]/ Tiúrfaidh mé
foghairt agus faobhar na speile aniar i gcinc an mhuiníl dhuit mara
ndúine tú do chlab / Tá foghairt agus faobhar uirre anois. Breath-
-nuigh an bhfeicfidh tú a mbioróidh sí dhuit anois iad (: scoilb) / Tá

faobhar ar an dimheas aice i gcomhnaí = tá dimheas uirre i gcomhnaí = tá sí géar greamannach in a teanga = tá bior uirre / Nach aice atá an faobhar ar a dimheas i gcomhnaí. B'fhearr leigean di sin / M'anam dhá fheabhas in do chainteóir tú go dtiúrfaidh sé siúd cor in aghaidh an choir, agus cam in aghaidh an chaim duit. Tá faobhar ar an dimheas aige siúd / An bhfaca tú an chloch fhaobhair = cloch líofa = cloch le faobhar a chur ar spealta etc. / D'íosfadh sé an chloch fhaobhair = tá an ghearradh gionnach air = tá sé ocrach, mór thráthach /[Is galra é nach gcaithfidh tú tada chomh uain's a bhéas sé ort, ach d'íosfá an chloch fhaobhair agus thú ag fháil bhisigh / D'íosfadh an sean-asal sin an chloch fhaobhair. Níor fhága sé fata ná meaingil ar an tsráid aréir, agus nuair a chinn an saol air, nar ith sé an tuí as an tsrathair! Tuilleadh diabhail aige muis, dhá mbeirinnse air, gheobhadh sé cláradh!]/ D'íosfadh an ceann céanna an chloch fhaobhair agus d'ólfadh sé an chloch íochtair de Ghaillimh / Ba chiotach a d'fhága sé í: a fágáil in a seasamh ar a faobhar taobh istigh de chlaidhe. Ní raibh fios na faillí ag an bpáiste bocht nó gur mhartruigh sé é féin léithe (speal). Nach bhféadfadh sé a cur ar a béal fúithe i gClaise eicínt = rud a bheith in a seasamh i gcaoi agus go mbeadh an lann nó an béal nó an chuid a mbeadh an faobhar air ag freagairt nó ag gobadh suas /[Cuir sé scian in a seasamh ar a faobhar i siunta an bhoird, agus gan aníos di, ach a barr. Bhí a fhios aige gur uirre a shuidhfeadh an ceann eile cho luath agus a thiocfadh sé isteach / Chuir sé táirne ar a fhaobhar aníos thríd an gcathaoir. Níor fhága sé liobar leathair ná fíonnaigh ar thóin N.: ó'n oíche sin amach níor leig N. aon-lucht cuart isteach. Bhí sé in a bhuthae aca. B'fhada a chaith sé ag fuasaoid a thónach]/ Cuirfidh muid glaicín "tacks" ar a bhfaobhar anois san tuighe. Is uirre a chaithfeas sé é féin ar an dá luath agus a dtiocfaidh sé / Iasc ar bith a bhfuil a chuid lannachaí mar sin air, agus iad in a seasamh ar a bhfaobhar, is contúirt é le breith air = colg ar na lannachaí; an taobh géar dhíob aníos / Bhí an ionga in a

seasamh ar a faobhar aige = gliomach / Thuit sé glan ar an bhfaobhar
= thuit sé ar bhéal na speile / Tá faobhar air ag faire
ort = bís, díocas, é beo-phianta ag faire ort /[Bíonn
faobhar ar an madadh sin ó aireós sé an béilí dhá réiteach /
Nach air atá an faobhar oibre, (troda, bréaga, géaraíochta,
damhsa, iascaigh, fólaime, ite, óil etc.) = saint ionta, é
connach chuca]/ Tá faobhar ar a theanga = é greamannach,
cointeach, rosc an fhile air / Tá gaoth ann anocht a bhfuil
faobhar uirre / Tá faobhar cúirtéaracht' air = rachmall /
Tá faobhar air nó go mbaine sé sásamh amach = ní beó é, nó …
/[Tá faobhar air annsiúd thuas ag baint mhóna = é i
muinín a chroí agus a chruite ag baint / Nach air a bhíos an
faobhar ag caint! = bíonn an díle cainte air / Tá an gaoth
adtuaidh sin faobharach = géar gaimhiúil]/ Tá sé faobharach 'un
troda = fonn troda air / Bíonn sé siúd faobharach san
ngarraí = forú nó deifir air; é cantalach /[Beidh sé faobhar
-ach mara dtugtar chuige an tsluasaid sin anocht = beidh sé le
báiní / Dhá fhaobharaí dhá raibh sé ag teacht, ba sheacht
bhfaobharaí ag imeacht é = dhá mhéid olc, cuthach, cantail
fonn troda dhá raibh air ag teacht ba sheacht
measa ag imeacht é]/ "Chuir sé an chailleach isteach i mainistir
mór agus thug sé teine do cheithre roithleánaí na mainistreach.
Dhá fhaobharaí dhá raibh sí ag dul isteach, ba sheacht bhfaobhar
-aí a bhí sí ag teacht amach di" = ba mhó faoi sheacht an
dúil a bhí aice a dhul ag troid [as scéal: An Ridire
Gaisce: Seán Mhac Confhaola, an Cheathrú Ruadh] /[Dhá fhaobharaí
é T. b'fhéidir go gceannsódh an áit siúd é = dhá bhainte amach dhá
bhfuil sé chun achrainn / Is faobharaí go mór an mac chuig an obair ná
an t-athair = is líofa é]/

Foragás: Ainmfhocal; fireann = tairseach na fuinneoige taobh amuigh,
go háirid má bhíonn bruach amach air, thar an mballa /
Tá foragás breá ar an bhfuinneoig sin / Bhí sé in a shuí thoir
ar fhoragás na fuinneóige tigh J. Sh. Dh. ar feadh an lae ag tnuthán,
go n-iarrfadh duine eicínt isteach ag ól é. Ach ba é féithiú an
tsionnaigh an tairbh aige é, dar liom féin /

Fionna Feanna: Ainmfhocal nó leagan ainmfhoclach = (i) an damh -na a bhíos istigh i gcleite. (ii) go diúltach: tada, aon-cheo, a dhath, rud fánach, teirgéis; rud eicínt nach fiú biorán.

Fan anois go bhfeiceamuid a bhfuil Gaeilge ag fear Chonamara … Céard é fionna feanna? … Dar príostaí, tá sé ugad: an rud a bhíos istigh san gcleite. Is deacair muinntir Chonamara a shárú / Fagh cleite gé agus bain an fionna feanna amach as, agus cuir an salann agus an tsail isteach ann, agus cuir faoi shúil an chapaill é = le foghairt a chur faoi shúil rud (fc. foghairt) / Níl fionna ná feanna aige = níl tada aige; aon-cheo = níl fionna feanna aige / Más tobac atá tú a iarraidh níl fionna feanna agam, go dteaga sí seo ón siopa / Tá sé bochtuithe ar fad. Níl fionna ná feanna aige anois. Bíodh sé buíoch dhá chlann. / Breá nach dteigheann tú féin ann agus gan fionna ná feanna ar t'aire. Nach bhfuil mise in mo bhambairne ag obair / Ara is beag an gortú a d'eirigh dó. Ní fiú fionna feanna é, ach gheobhaidh sé slam airgid as / Ní dheárna sé fionna feanna an t-Earrach seo, ach soir agus anoir go dtí an tsráidbhaile seo thoir ag féachaint cén blas a bhí ar an bpórtar / Ní thiúrfainn fionna feanna ara raibh d'achrann ar fad ann, agus féacha cho splanncha agus atá siad chuig dlí in a dheidh sin. / Mo chreach a ndeachaidh de tae ar an "tae pot" sin muis. Ní dheachaidh fionna feanna ar fad ann]/

Fáilí: Fáilíocht: Aidiacht; Ainmfhocal, Buineann = lághach, súáilceach, nádúrdha, macánta, meanmnach, gleóite, croidhiúil, carthannach.

Is duine fáilí é le castáil ort / Dheamhan bean is fáilí ná í sin a chasfaí leat in do shiúl lae. Nach carthannas ar fad í / Cá bhfágfadh sé an fháilíocht? Breathnuigh ar a fhear. Ar dhúirt sé focal arannta le aonduine ariamh? / M'anam nach bhfuil an chlann baol ar chomh fáilí leis an athair. Deir siad go bhfuil an ceann is óige bruasánta go leór / Go deimhin b'fháilí an baile é sin scathamh, le dhul ann ag strainséara. Níl a fhios agam céard is cor dóibh anois / An bhfaca tú aon-aimsir ariamh an tráth seo 'bhliain cho fáilí léithe = macánta, aoibhinn /

Fill, Filleadh: Briathar, Ainm-Bhriathar, Ainmfhocal Fireann [Uimhir Iolraidh: fillíochaí, filltíochaí]
Filltíní: Fillicíní: Ainmfhocal; Fireann = roic, cruinniúchaí, cineál fáithimeannaí, fonnsaí, siuntaí, uaimeannaí.
Fill, Filleadh: iompuigh, crom, cas, cruinnigh, roic nó cineál fáithime a chur i rud; deasuigh, (: f'ɪʟ'; f'iʟ'tə; f'iʟ'ə; f'iʟ'ūɴ't', f'iʟtīn' etc.).

"Fill abhaile anois" adeir sé liom, "agus ná teara ar ais annseo le do ló arís" = cas abhaile / Tá sé cho mhaith duinn filliúint (filleadh: tá an dá ainmbhriathar ann) abhaile / D'fhill sé orm arís, agus chuir sé agalla eile as = d'ionntuigh sé ar ais / Cén fáth ar fhill sé ón gcladach = casadh ar ais; casadh ar ais shul a mbeadh sé cho fada leis an gcladach / Cáid go bhfille sé ó (as) Gaillimh? = go dteaga. / Níor fhill sé uirre ó a d'imigh sé = níor tháinig sé ar ais chuice / Cáid go bhfille tú orainn arís? /[Deir tú go mbeidh tú ag filliúint 'un an bhaile mhóir amáireach faoi na bheith slán duit, agus duinn thrína chéile]/ D'fhill sé ar a choisméig arís = he retraced his steps; walked back / Ní raibh sé ach amuigh ag an ngeata nuair a d'fhill sé isteach arís / Bhí sé bog te ag dul abhaile, ach d'fhill mé ar a chois isteach arís é = thug mé air a theacht isteach arís / Go gcuiridh Dia ar do leas thú, a stóicín, agus fill aníos an t-asal sin chugam. Níl aon-tapa ionam fhéin len a leanacht / Isteach san mbóithrín taobh thoir de bhóithrín Bhaile na M. a d'fhill siad (: a chur, a d'iompuigh) / Fill anoir na beithigh sin /[Is maith a chrúthós tú anois agus breith air shul a bhfille sé isteach abhaile aige féin / Níl sé go díreach anois ach fillte soir ceann an bhóithrín. Béar-faidh tú fós air / Fill amach an doras sin = dúin é]/ Fill anuas clár an chomhra = dún é / Bhí J. ag filleadh amach (: ag dul, ag casadh) san doras ó thuaidh, agus mise ag teacht isteach san doras ó dheas / Bí ag áirdeall agus má theigheann aon-cheann de na cearca soir i ngarraí na bhfataí, fill anoir arís iad /[Nuair a cuireadh an méid sin aighnis orm, is beag nar fhill mé abhaile arís / Casadh liom é ag filliúint ar ais dom ón siopa / Ag filliúint ar ais dom níor airigh mé an t-aistir chor ar bith]/ B'éigin dó filleadh ar cheann gan cíoradh (fc. ceann; cíor) / Más feall filleann = filleann

feall = an té a dhéanfas éagóir nó droch-ghníomh, tiocfaidh sé ar ais ar a mhéis féin aige aríst / D'fhill sé air aríst = ionntú donachta a thiacht ar dhuine; duine a mbeadh galra aiféalach air, agus nuair a shílfeadh sé a bheith as, go mbuailfí síos aríst / Galra aiféalach é an fliú sin. Nuair a shílfeas tú é a bheith dhíot agad, fillfidh sé ort aríst / Ní féidir go bhfuil an chasacht aibéiseach sin fillte ort aríst. Shíl mé go raibh sí as do chrioslaigh agad / Má fhilleann an slaghdán sin ort, beidh sé in a lionnán agad i mbliana. Mar sin tabhair aire dhuit féin / Chuaigh an leoraí síos go filleadh dúda san bportach = síos ar fad; báitheadh ann é [deirtear "file" scaití freisin san leagan seo: feile? = fellowe?] / Tháinig olc air, agus bháith sé an láidhe go file dúda san mbruach. Bhí mise ag téigh-eamh. Ní rabh a fhios agam cén puínte a n-áiteódh sé mé / Chuirfinn an scian go filleadh dúda in do bholg, dhá bhfaghainn mórán eile sceaimhínteacht uait = go feirc / Níl aon-mhaith sna ceascannaí sin a rinne sib ann. Beannacht Dé dhuit. Cairt ar bith a mbeadh ualach uirre, ghabhfadh sí go filleadh dúda annsin]/ Céard a bhain filleadh asad = céard a thug ar ais thú ón áit a raibh tú ag triall / Shíl mise go raibh sé dhá chur inniu, agus bhí mé siar cho fada le bóithrín Sh. H. ag dul chuig an tsochraide nuair a bhain an dream sin siar filleadh aniar aríst asam / Ní fhéadaim filleadh ná feacadh ag mo dhruim = díriú ná cromadh; corraí chor ar bith / Níl filleadh ná feacadh ionam (agam) ó bhuail an phian seo san gceathrú mé = níl aon-chor ionam / A, tá mé gan filleadh ná feacadh le seachtain ag rúitín atá agam. Breathnuigh uirre (: cois) sin! Nach bhfeiceann tú in a spól í / Tá faitíos orm go mbeidh mé scathamh eile muise gan filleadh gan feacadh. Tá lot dainnséarach orm / Tá sé gan filleadh gan feacadh anois le ráithe mór fada, ach léar (: de réir) mar a iontóchas san leabaidh é / Ní raibh sé indon filleadh ná feacadh a bhaint as an gcloich = a corraí chor ar bith / Chaith mé uair leis an nglas sin aréir agus go deimhin má chaith féin níor bhain mé filleadh ná feacadh

as. Is suarach an t-íonadh: cheal a choinneál acluithe /[Rug an bheirt isteach ar a chéile, ach dhá mbeadh sé ag dul do Phádraig go deó dearg na díle, ní bhainfeadh sé filleadh ná feacadh as = cor ná car]/ Ní dhearna sé filleadh ná feacadh ach a dhul anonn go dtí é agus a bhualadh ar an smaois = ní dhearna sé braiteóireacht ar bith = rinne sé maolabhrach é; rinne sé é gan stánadh ar bith /[Ní dheárna J. Mór filleadh ná feacadh ach a theacht aníos ón teine agus an píosa dhá scilling a leag sé ar bhord an tsagairt a thógáil dhó aríst. "Bíodh agad, a shagairt" adeir sé. Mara nglaca tú dhá scilling, glacfaidh mé féin iad. Ach ní bhfuighidh tú aon-leathchoróin ar chuma ar bith / Ní dheárna sé filleadh ná feacadh ach fáisceadh ar a chapall agus isteach Ghaillimh, nó gur tharraing sé "summonsachaí" / Feicfidh tú féin air anois nach ndéanfaidh sé filleadh ná feacadh go dteighe sé cho fada leis an deárthair agus go gceaduighe sé é. Sin é a níos sé i gcomhnaí / Bhain sé as gan filleadh gan feacadh go ndeachaidh sé go bear-aic, agus go dtug sé anoir na póilíos. Marach sin 'ar ndú' d'fhuaródh an scéal ar an toirt. Ach ní raibh an ceann céanna ariamh gan a dhá dhíol luadair a bheith faoi]/ Níor chodail mé néal aige sin dhá fhilleadh agus dhá fheacadh féin i gcaitheamh na hoíche san leabaidh = ag iontú agus ag crapadh / Ara ní dhéanfá aon-chodladh in éineacht leis. Bíonn sé ag filleadh agus ag feacadh i gcomhnaí / Fill isteach do chois = crap, nó ionntuigh isteach í / Buail filleadh ar an hata sin, agus is amhlaidh is deise a ghabhfas sé duit = cuir speic nó billéad air = ionn-tuigh suas binn dhe / Tá filleadh ar a hata aige, le teann leitheid. Go deimhin níl sé gan talamh a bheith faoi / An bhfaca tú an hata atá ar an inín sin thiar ag P. Tá sé cocáilte ar chúl a cinn agus filleadh suas ann. Sin í an onóir chreidim / Ná fill ar a chéile mar sin é. Tá an páipéar sin tanaí. Fill ceart é / Fill an bhráithlín isteach / Ní mór filleadh a chur san bpluid sin má tú len a chur as do chinn / Céard a bhain an filleadh as an eádach seo = é fillte mar is ceart nó gur bhain duine eicínt eile as a fhilleadh é, agus gur fhill sé contráilte é / Coinnigh fillte síos, (isteach, amach, chugad, uait etc.) é / Tá na liúrachaí

(feic liúrachaí) an-fhada. Chaithfeá seacht bhfilleadh a thabhairt orra nuair a bheitheá dhá líonadh in a scuabán / Níl do dhóthain fillíochaí (filltíochaí) agad ar an gcoirrleach sin. Bord leadhbach a bhéas agad / Ní mór don bhráithlín sin dhá fhilleadh / Más leat an leitir sin a chur san bpóca seo, ní mór di trí fhilleadh. Tá na pócaí (: envelopes) sin an-bheag / Fág an phluid in a filleadh mar sin = ins an bhfilleadh atá uirre; fillte mar atá sí / D'fhill sé siúd an t-éadach ceart duit. Fág in a fhilleadh é (: fág san bhfilleadh céanna é) / Ní bheadh a fhios agad cén sórt cartadh ná sníomh a bhíos air san leabaidh, ach baineann sé na pluideannaí as a bhfilleadh chuile oíche = an filleadh agus an socrú a tugtar orra nuair a chóirítear an leabaidh / Níl aon-chall na pluideannaí a bhaint as a bhfilleadh nuair a bhéas tú ag cóiriú na leabthan sin thuas. Ní dhéanaim féin leó ach a leagan anuas aríst / Bhí an phluid as a filleadh aige ar maidin / Tá leathfhad san mbráithlín seo.
Tá sí as a filleadh ar fad = gan í a bheith fillte ceart; taobh di níos fuide ná an taobh eile / Tá filltíní in do chuid éadaigh.
Cén áit a raibh tú do t'ionnfairt féin = cruinniúchaí nó sórt roic a bheith ann (creases) / Tá do bhríste faoi fhilltíní ar fad = fillicíní, fithíní, figíní, roic. Is sórt fáithime nó fúála a dhéantar ar éadach é freisin: Chrapfá an t-éadach isteach faoin gcuid as a chionn agus phléatál -fá é nó chuirfeá "tiuc" ann /[An faoi do chloigeann a bhí do chóta móra agad ar feadh na hoíche? Tá sé as a comhraíocht le filltíní (fíthíní, figíní). Caithfidh an t-iarann a dhul air anois le na filltíní sin a mhíniú / Éadach mar sin níor mór na filltíní a bhaint as nuair a thiocfadh sé ón bhfíodóir]/ Tá déanamh nua ar a gúna. Filltíní uilig atá thíos annseo ann = pléataí / Caithfidh mé na fúálachaí agus an filltíní seo a bhaint as anois. Is gearr a bhéas mé leis. Beidh sé (: feisteas) réidh glan agad le cur suas ar do chraiceann annsin / Tá fillicíní in a bholg, tá sé cho tóighe sin = duine nó beitheach a mbeadh bolg reamhar air, d'fheicfeá cruinniúchaí nó sórt roic treasna a bhoilg an áit a mbeadh na fonnsaí feóla ag eirí dhá chéile /[Tá filltíní in a bholg anois de bharr mo chuid geamhair-sa / Cuirfidh an mhuicfheóil sin fillicíní san mbolg agad, ma sheadaíonn tú dhá hithe]/

Fámaire: Ainmfhocal = (i) duine a bhíos ag dul faoi fharraige, nó a theagas le scíth a chaitheamh chois farraige; lucht dhéanta aeir; (ii) stucaire, súdaire a thaithíos bailte móra nó coirnéil na dtithe ósta cúl le rath. (ii) feithideach mór, go háirid breac [ar na searraigh gorma is minice a thugtar é, ach glaoitear ar fhíogachaí freisin é agus rl.]
Fámaireacht: Ainm Bhriathar = a bheith ar scith, nó do do shlánú fhéin chois na farraige; a bheith ag streilleachas nó ag fálróid thart gan mhaith gan mhaoin, nó ag súil le solamar b'fhéidir; a bheith ag déanamh aeir.

Tá go leór fámairí i mBóthar na Trágha imbliana /[Chuaigh an domhnaíocht fámairí thart ó a tháinig bliain, pér bith cáil siad ag lonnú / Ní fhéadfá an cladach a thaobhachtáil annseo i gcaitheamh an tsamhraidh ag fámairí. Bíonn siad in a srathrúchaí ann / Teag -ann fámairí as gach uile cheaird ar snámh annseo san samh-radh / Ní bheidh léamh ar bith ar a dtiocfaidh d'fhámairí anois ó atá an cogadh thart.]/ Tá sé thíos ar shlata na Gaillimhe agus gan é ag déanamh pioc, ach ag imeacht in a fhámaire coirnéil = stucaire coirnéil / Ní raibh aon-fhámaire coirnéil inGaillimh nach timpeall air a bhí cruinnithe, ag súil le solamar / Ní call duit a dhul go Gaillimh chor ar bith más ag tóraíocht fámairí coirnéil atá tú. Tá siad ar choirnéil an bhaile seo thiar: greadadh aca / "Ná tuig a bhean chóir gur sliocht boidicín ná bodacháin, ná smut ar ghlúin ná tarachán cúinne ná fámaire … atá ionamsa" = an giota as achuiní nó deilín na mbacach = cúl le rath; duine gan mhaith / Ba bheag nar chuir ceann de na fámairí sin faoi pholl muid. Tháinig sé de sciotán faoi ghob na curaí = searrach gorm san gcás seo /[Níl rud ar bith is contúirtí dhá mbuaileadh sé thú ar an meath mhóir ná fám-aire: na searraigh gorma sin. Tá an-mhéid ionta. D'iontódh ceann aca an churach ort / Fámaire d'fhíogach mhór a bhí ann. B'fhearr liom Athair an Oilc a fheiceál san líon ná é. Roiseann siad sin na mogaill as béal éadain]/ Cén áit a bhfuair sibh an fámaire de mhadadh sin. Tá sé hocht gclocha meachain / Tá sé le dul ag fámaireacht go Corcaigh imbliana. Deir sé nach

bhfuil áiteachaí fámaireacht ar bith in Éirinn is fhearr ná atá ann. Tá maith ar leith san bhfarraige ann. Tá sí thar cionn ag slanú lucht criotáin / 'Ag imeacht ag fámaireacht nó ag fólaim Gaeilge atá tusa bail ó Dhia ort … An péire i dteann -ta a chéile! Is fhearr ná sin é. /[Fuaigh siad siar Bóthar na Trágha inniu ag fámaireacht daofa fhéin. Tá an-tsaol aca / Is beag é a mhaith ná a mhaoin sin, ach imithe ag fámaireacht ar fud na mbailteachaí, agus má chasann leadaí — a leithide eile fhéin air — luighe siar ar chnocán agus an lá a chaitheamh / Meastú an mbainfidh an fhámaireacht seo móin duit? Cuireadh soir ag an siopa thú, agus tá trí huaire bainte amach thoir agad, i leabaidh a bheith san mbaile ar ionntódh an tsoip aríst]/ Ag imeacht ag fámaireacht leis mar sin ó theach go teach, ag súil le tae a bhíos sé sin. Súdaire bradach é /

Fuasaoid: Ainm Bhriathar, Briathar, Ainmfhocal, Buineann = ceasacht clamhsán, casaoid, béal bocht, gearán, ceisniú, lochtú.
Fuasaoideach: Aidiacht = casaoideach, gearánach, lochtuíoch.
[is annamh dó in a Bhriathar Choimsí, agus an uair sin féin san Aimsir Chaite]

Bíonn sé ag fuasaoid dólúm go bhfuil an iomarca oibre dhá chur air = ag clamhsán, ag gearán /[Bhí mion-fhuasaoid aige shílfeá nach raibh muinntir an tí ag caitheamh sách maith leis, agus ní cháinfeadh sé iad, th'éise sin / Ag fuasaoid atá mé a dhearthair ó, agus chreidim gur ag fuasaoid a bhéas mé an chuid eile do mo shaol anois = ag ceasacht nó ag ceisniú (tinneas)]/ Cáid ag fuasaoid thú? = ag aireachtáil an tinnis / Ba ghearr ag fuasaoid chor ar bith an duine bocht. Nuair a buaileadh é, buaileadh é, in éineacht. Bhí a sheal tugha chreidim / Má tá tú ag fuasaoid tada, b'fhearr dhuit a dhul go dtí an dochtúr. Sé is goire do chabhair /[Ní theagann iadhadh ar a bhéal ach ag fuasaoid. Nuair a bhíos sé tuirseach ag fuasaoid faoi chúrsaí an tí, agus na talúna, tosaíonn sé ag fuasaoid faoin saol agus faoin aimsir. / Tá sí ag fuasaoid na coise aríst. M'anam go sílim nach fuláir di a dhul roimpe in am. Is olc í sin]/ Níor bhain sé méir dhá shrón, go ndeachaidh sé dhá fhuasaoid

air go dtí an beairic = ag fuagairt an scéil i dtaobh an fhir eile san mbeairic / Níl aon-mhaith dhó a dhul ag fuasaoid an phortaigh ormsa leis an sagart. Níl mise a iarraidh ach mo cheart fhéin / Tá fuasaoid na bó aige uilig ar Ph. Deir sé nach n-eireódh aon-cheo den bhó marach P. /[Dúirt S. rud eicínt leis, agus ní dhearna sé filleadh ná feacadh ach a dhul dhá fhuasaoid air (: ar Sh.) leis an sagart. Sílim nach aon-bharr-shásamh a fuair sé ón sagart. Tháinig sé abhaile sách bréan dó fhéin ar chaoi ar bith / Eirigh as an bhfuasaoid sin, nó tiúrfaidh mise údar fuasaoide dhuit feicfidh tú féin air / Ní féidir go bhfuil tú ag fuasaoid an tslaghdáin (: na láimhe, na choise, do chroí, do mhéire, do chuid fiacal etc.) arís. / Níor fhuasaoid sé go raibh sé mall aige / D'fhuasaoid sé na scoilteachaí liomsa an lá cheana muis / Is beag an fhuasaoid é an duine bocht, th'éis an saol a bheith ag gabhail dhá mhaidí air]/ Tá fuasaoid mhaith agad inniu, ach cuirfidh mé geall gur beag den fhuasaoid sin a bhéas agad san oíche amáireach, nuair a thiocfas fonn damhsa ort / Tá sé dubh-fhuasaoideach = ag clamhsán i gcomhnaí faoi rud eicínt, nó go bhfuil tinneas air / Tá M. beag seo thíos bun-fhuasaoideach go maith anocht, ach ní bheadh an troigheadán fhéin air sin, nuair a ghabhfadh sé dhá fhuasaoid. M'anam muise má theagann an buachaill siúd (: fliú) air, go mbeidh a ábhar aige, shul a mbeidh sé réidh leis / Bean fhuasaoideach a bhí chuile lá ariamh san saol inte /

Foirseadh: Ainm Bhriathar, Briathar = (i) saothar áirid leis an talamh: harrow (ii) go leor, scair (iii) caraíocht, dréim le, cruachan in aghaidh, (iv) údragáil; le chuile chaoi.

D'fhoirsigh sé len a chapall agus a chliath é / Foirseóidh mé an gort sin amáireach le cúnamh Dé / An bhfaca tú cliath fhorsta (nó cliath fhorsa) ariamh? / Níl sé foirsithe fós aige / "Treabhadh seaca agus foirseadh báistí: dhá rud nar moladh ariamh (an dá obair is measa amuigh)" /[Níl caraos ar bith air seo thíos foirseadh báistí a dhéanamh. Beidh a fhios aige é amach

annseo nuair nach mbeidh gas de bhláth bliana aige]/
Eirigheamuid as. Tá sé in a bhrád. Ní maith é an foir-
seadh báistí / "Nuair a stopas an síol stopann an foirseadh"
= nuair a bhíos deireadh an airgid caite, caithfear eirí as an
ól, nó as an aeríl, nó as an obair agus rl. / Ní theagann an
saor cló (cloch) chuige chor ar bith anois. Dheamhan sciúrtóg a bhí
aige len a íoc. Nuair a stopas an síol, stopann an foirseadh. Sin
é a dhálta aigesan é /[Tá sé eirithe as na damhsaí. Is beag an
dochar dhó sin. Dar príosta tá sé ag dul in aois, agus an croí ag
imeacht uaidh. 'Ar ndú' nuair a stopas an síol stopann an foirseadh /
'Ar ndú' is fear maith é ag treabhadh agus ag foirseadh = fear
maith oibre; fear maith tí. / Dar príosta tá an t-Earrach ar fáil.
Is gearr go dtosuighe treabhadh agus foirseadh]/ Dheamhan mórán
treabhadh ná foirseadh a rinne mé imbliana, ná a raibh sé
d'éitir ionam. Is furasta cur chugam anois = ní dheárna mé
mórán obair Earraigh [deirtear "treabhadh agus foirseadh"
go tréan go fiú agus i gceanntair nachar facthas cliath
ná céachta ariamh ionta] /[Tá an treabhadh agus an foir-
seadh déanta agad, bail ó Dhia ort = tá an t-Earrach
déanta agad / Tá faitíos orm go ndéanfar treabhadh agus
foirseadh feasta ar mo shonsa]/ Ag foirseadh liom. Cén
bláth ar ort fhéin? = "ag treabhadh liom", "ag breacadh
liom" mar fhreagra ar "cén chaoi bhfuil tú", nó "cén
bláth atá ort etc. Is freagra coitianta mar sin é /
Ag foirseadh leis i gcomhnaí. Ag caitheamh an tsaoil agus
an saol dhá chaitheamh /[Dheamhan údar clamhsáin agam,
slán an té a fhiafraíos. Ag foirseadh liom mar a
fheiceas tú / Cén chaoi a mbeinn, ach ag foirseadh liom. Ag
baint lá as / Dhá bhféadainn foirseadh liom (foirseadh a
dhéanamh) go ceann tamaill mar seo, ní aireóinn go mbeadh
ná gasúir ionchúntach. Ach faghann na ba bás an fhad agus a bhíos
an féar ag fás = strapadóireacht, strive on, hold on]/ Dhá mbeidís indon
foirseadh leó go ceann trí seachtainí eile, bheadh muid i dtús
féir agus níor bhaol dóibh (eallach). Bhí neart farae againn

muise, marach go ndeárnadh plaicín gabhair dhó / Dhá bhféadthá
foirseadh a dhéanamh go ceann scathamh eile, gan aon-chúnamh,
nach mbeadh Cáit sa mbaile agad san samhradh? / Bím ag
iarraidh a bheith ag fuirseadh oibre agus gan mé indon. Ach cén
neart atá air, nuair atá mé ar thaobh tí liom fhéin /
[Muise dheamhan bráigíll ar Sheán bhocht, ach mar a
chonnaic tú ariamh é. Ach dheamhan an miste leis. Tá
sé ag foirseadh an tsaoil 'ar ndú', agus céard atá an
té is fhearr a dhéanamh ach sin = ag cruachan in aghaidh
na hanachain; ag caraíocht leis an saol. / Diabhal
mé an duine bocht gur hait é agus an chaoi a bhfuil sé ag
foirseadh an tsaoil, agus lán tí de mhuirín air / Bíonn sé ag
foirseadh oibre dólúm = ag obair leis / Ní raibh an ceann céanna
ariamh ach ag foirseadh an ghanntainn agus an ocrais = ag scríob
-adh leis an nganntann nó leis an amhgar]/ Droch-rath an
diabhail air le floscaí a bheith aige! Ní fhaca muide ariamh é
ach ag foirseadh an ocrais / Tá sé, mar is minice leis ag
foirseadh na déirce = igcruth na déirce; níl tada ann ach
nach bhfuil sé ag iarraidh na déirce / Go deimhin níl sé fhéin
ná aon-fhear istigh ar a bhaile ach ag foirseadh na déirce.
Baile bradach na scrathachaí! /[Ceó ar bith anois ach nach
bhfuil na daoine ag foirseadh na déirce. Maidir le go bhfuil
caitheamh agus fáil aca níl. Ach chonnaic mé saol níos measa
ná é!]/ B'fhearr do dhuine a bheith ag foirseadh na
déirce, ná ag iarraidh ceart a bhaint de shean-lánúin mar
sin / Le chuile fhoirseadh, d'eirigh liom imeacht = le chuile
údragáil; le chuile obair, nó gach ní dhár thárla / Chaith mé
seal fada ag sáraíocht leis, ach le chuile fhoirseadh, thug mé
liom abhaile é / Tá foirseadh mór cainnte aige = tá sé
indon go leór cainnte a chur idtoll a chéile, nó indiaidh a
chéile; is duine rianúil é; is cómhráiteach maith é, agus fáirnéis
agus údar aige faoin a lán rudaí /[Rinne tú an-fhoirseadh
cainnte aréir bail ó Dhia ort. Bhí mé ag éisteacht leat.
Thug tú dubh agus daite don "chlan" seo siar é. Is maith an aghaidh
orra é freisin]/

Forán: Foradh (: forə): Ainmfhocal, Fireann = aighneas; carra chainte;
labhairt le duine (go harannta, go minic); beannú do dhuine; foirseadh cainte a dhéanamh.
[Is minic gur foradh adeirtear agus nach forán]

Chuir sé foradh cainte orm = chuir sé forán orm = chuir sé caint
orm / B'fhearr dhuit a dhul amach agus foradh a chur air seo anoir.
Fiafruigh dhe, cáil sé ag triall / An bhfuil a fhios agad cé a
bhuail foradh cainte orm i nG. inniu: an rábaire ruadh sin
ag S. Mh. Ph. /[Tháinig M. Th. D. anall agus chuir sé foradh cainnte
orm. Sé a bhí anglánta. "Coinnigh thusa do ladar as ar fad"
adeirimse. "Ní bhaineann an scéal duit beag ná mór" /
M'anam gur maith misniúil an fear a chuirfeadh foradh
cainte ar an mbean seo anoir. Sách diúltach atá sí i
gcosúlacht.]/ Chuir sí foradh cainte aisti leis = rinne sí
píosa cainte leis; bhí sí aighneasach leis / Sé J. a chuir an
foradh cainte as liom. Faoi mhóin ar fad. Tá sí dhá goid uaidh.
Dheamhan ceó ar bith, ach nachar dhúirt sé go raibh mé fhéin
cho dona le duine /[Chuir sé foradh as leis an máistir: in áit
ar bhuail sé an mac. An mac ar fad. Shílfeá gurb air a
thóin a eiríos an ghrian aige]/ Ní fhaca tú aon-duine
ariamh a raibh foradh cainte air mar a bhí air = an díle
cainnte; an chaint ag tuitim uaidh in a tuiltí; forú
cainnte nó deifir (fc. forú) / Tá an-fhoradh
cainnte air. B'fhearr dhuit a dhul anonn go dtí é, agus "thug tú
éitheach" a rádh leis. T'anam ón diabhal, déan! /

Fiarachaí: Ainmfhocal [san iolraidh amháin a chualas] = tulaigh, criathrach,
sliabh, talamh garbh nó riascach; an talamh a bhíos ar chiúis an mhinligh, barra
garbha. [I gConamara tá stiall talamh cuir thart leis an bhfarraige, agus na fiarachaí ar a
cúl sin amuigh]

Tá sé tuilleadh amach faoi na fiarachaí. Ní cladóir é = ní in aice an chladaigh
atá sé, ach amach i mbéal nó i mbrollach an tsléibhe /[Tá limistéar mór
talúna aige, ach má tá is fiarachaí ar fad é. Dhá mbeadh sé sách fír-
iúil mar a bheadh fear, d'fhéadfadh sé cuid dhe a shaothrú. Ach sin caoi nach
bhfuil sé. / Gheobhfaidís (beithigh) tiomsacht ar na fiarachaí sin suas i mbarr
an bhaile, ach ní dhéanfaidís aon-chomhnaí ann in a dheidh sin. Ag sanntú an
chineáltais anuas annseo. Uabhar atá orra, na scéiméaraí! /

Fáth: Ainmfhocal, Fireann; Uimhir Iolraidh: fáthannaí

Fáth: údar, réasún, siocair, an chiall, an mhíniú, an t-ábhar, an "tuige"

Buaileadh thú. Cén fáth? / Cén fáth nach ndeacha tú ag an scoil inniu? / Cén fáth a bhfuil tú ag caoineadh? / Cén fáth a bhí aige do Tom? = tuige ar bhuail sé, ar ionnsuigh sé etc. Tom /[An bhfuil aon-fháth do Mh. agad ach an méid sin? Is suarach an fáth é sin / Chaithfeadh sé go raibh fáth thar cionn aige a dhul ag tarraint achrainn. / Is beag an fáth é sin mara raibh d'fháth aige ach an méid sin / Thug sé fáth mo dhóthain dom. Marach gur thug, ní chuirfinn aon-araoid air = he gave me good reason / Dheamhan fáth atá sé siúd a iarraidh. Tosóidh sé ag ól gan fáth ar bith / Is iomdha fáth a bhí agam leis. Ar an gcéad-fhásc dhe, níor mhaith liom é seo thíos a leigean isteach … / Bhí an-fháth aige corraí amach inniu. Marach go raibh, ní chorródh sé amach]/ Sin fáth go leór d'fhear ar bith. Dhá n-abruighthí é sin liomsa … / Ní thóigfinn cloch chuig fear ar bith ach ar fháth mhór (gan fáth mór) / Tá sé ag fuasaoid ar bheagán fáth / Tá an-smúit air anocht hébrí cén fáth (é) / Achrann gan fáth a bhí san achrann sin /[Seanmóir gan fáth í a sheanmóir sin i gcomhnaí / Tabhair fáth dhó feiceamuist! Annsin a bhéas agad cén lághaíocht atá ann / Níor thug sé fáth ar bith dhom. M'an-am dhá dtugadh nachar liomsa ab fhaillí é. Bhí mé ag faire air / Má bhí cuthach féin air fuair sé a fháth. (fuair sé fáth)]/ Tá mé tinn agus a fháth agam = tá fáth agam le bheith tinn / Níor tháinig sé agus a fháth aige. B'fheasach é dhá mbeirtí sna bólaí seo air, go bhfuigheadh sé túirne Mháire / Níor thaobhuigh sé chor ar bith le seachtain muid, agus is maith an fáth (é; atá leis sin). D'fheiceadh sé an ceann eile ag triall orainn chuile oíche = bhí údar maith, nó fáth maith leis /[Marar íoc sé é, ba mhaith an fáth: thuig sé nach leanfaí é faoi / Níl mé ag codladh néal ar bith mar seo, agus is maith an fáth: an iomarca tobac atá mé a chaitheamh. Tá mé loische aige / Marar bhain mise dhó (: dhe) é, ba mhaith an fáth. Dhá mbaininn bheadh an tuagh

bháis as mo chionn ag an bhféar thiar / Cén fáth atá leis an lá sin a bheith in a shaoire? = cén chiall an lá sin a bheith in a shaoire]/ Tá seilbhéaraí ag imeacht ar fud na talúna aríst. Cén fáth atá leis sin (cén fáth é sin) / Cén sórt, "cén fáth é". Cén fáth é, ach gurb é P. a rinne é. Sin é an fáth é = duine ag fiafraí, cén fáth a bhí le rud áirid, agus an freagra seo a thabhairt air / Cén fáth é, ach go bhfuil muide cluiche agus go gcaithfidh tusa íoc. Agus tá tú salach freisin ón gcluiche cheana /[Dúirt sé liom an chois a scríobadh thar cionn, mar sén fáth é (: sén fáth é sin) go bhfuil máthair an ghoir istigh fós, agus cuirfidh tú amach í le corp scríobadh / Níor dhúirt mé tada leis faoin mbicycle an oíche sin, arae sé sin an fáth: chaithfinn fanacht agus a dheasú dhó, agus gan corraí na gcos ionam le tuirse / Ná díol tusa an mhóin sin fós. Fan ort go ceann scathamh. Mar sé sin an fáth: móin bhán is mó atá agadsa. Cuileálfaidh siad as éadan anois í, ach is maith leó aca í amach annseo, nuair a theannfas leó]/ Níor chuir mé meacan ar bith imbliana, agus sé sin an fáth, chuir mé ceapach aca anuiridh, agus loic siad as éadan. Ceann amháin níor tháinig / Tá fios fátha na cúise aige anois uaimse = thug mé gach tuairisc dó faoin gcúis / Ná caintigh thusa as do bhéal air sin, go bhfagha tú fios fáth an achrainn idtosach / Tiúrfaidh mise fios fáth an scéil dó / [Níor mhór leis fios fáth na cainnte sin a fháil, agus m'anam go bhfuil a fhios agad fhéin, nach mórán sean-údair atá againne. S. Mh. a bhí a leigean faoi. Chuirfeadh sé sin an clár mín air dhó / Bhuail sé mé gan fáth gan ábhar = gan údar ar bith]/ Buaileadh tinn é gan fáth gan ábhar / Dhá mbeadh aon-fháth aige dhom, níor mhiste liom é, ach m'ionnsuighe gan fáth gan ábhar? / Dheamhan fáth ná ábhar nach ndéanfá féin é. Tá tú cho díomhaoineach le do leithide ar bith! / Cén fáth buailte a bhí aige = tuige ar bhuail sé / Cén fáth dúnadh a bhí agad ar an doras sin? / An bhfuil fáth laghaíocht ar bith aige liomsa? Níl, mara grádh ailpe é / Céard é fáth do gháire (do ghoil, do chuid troda, do bhróin, do bhuartha, do ghlaoch, do chuid nathaíochta, do mheanma, do ghlionndair etc.) = cén fáth gáire atá agad (fúmsa etc.) / Cén fáth do gháire, a chailleach

= [níl an t-alt annseo faoi dhó, mar shílfí idtosach .i. cén fáth go bhfuil tú ag gáire] / Cén fáth a sprochaille? = cén fáth go bhfuil sé ag caoineadh? /[Cén fáth a mhusán? / Cén fáth glaoch iad, ach an oiread le dream ar bith san tír? = cén fáth go mbeithí ag glaoch in a ndiaidh. agus iad ag siúl an bóthar]/ Ní fáth glaoch ar bith iad, ach an oiread le cearca ar bith eile, agus in a dheidh sin fhéin, is ag stár-ghlaoch atá siad dólúm = níl fáth ar bith ag na cearca sin a bheith ag glaoch / Ní fáth magaidh ar bith é = níl údar ar bith agaibh a bheith ag magadh; ní dóigh mhagaidh é an té a bhfuil sibh ag magadh faoi /[Ní fáth magaidh ar bith anois é, agus ní tráth magaidh é ach oiread]/

Faslach: Ainmfhocal, Fireann; Uimhir Iolraidh: faslaigh, faslachaí. Faslach = (i) an méid a thiúrfá leat idir do dhá láimh, nó an méid uisce a chuirfeá suas le do dhá láimh. Baslach ó cheart fc. baslach. (ii) ath-pholl, lag pholl i bportach; an chuid den phortach a bhfuil an mhóin bainte ann; sean-phortaigh [focal an-choitianta ar an Achréidh i gcéill a (ii)]

Caith isteach faslach den mhóin sin l'aghaidh na hoíche = baslach / Cuir faslach uisce ar an stól sin = nigh é / Caith faslach de na fataí sin san bpota / Fuaigh sé ón eanach ar an bhfaslach agus ón bhfaslach ar an eanach aríst = ón mbruach san lagpholl agus rl. / [Níl i mBaile na C. sin ar fad ach faslaigh móna. Ach chuir siad an-chóir air le blianta anuas. Ní amparáin ar bith atá síos annsin. Is beag nach bhfuil talamh ag lucht na móna anois cho maith linn féin / Bíonn an-tóir ag cuid de na daoine ar an móin fhaslaigh, ach ní thaithneódh sí liomsa. Bíonn sí an-sprosach, an-bhriosc / Barr-eanaigh (: cineál móna) a bhí san leoraí cheana ach ar an bhfaslach a baineadh í seo. Is fhearr í ná an barreanaigh ar chaoi ar bith. Foighid ort nó go dtaga an chinceach. Sin í an mhóin]/ Ar chuala tú ariamh faoin bhfear as an M. a cuireadh Gaillimh leis an mBéarla a thabhairt abhailí … Bhí sé aige nó go dtainig sé cho fada le faslach thíos ar an gC. Mh. Thuit sé san bhfaslach, agus nuair a d'eirigh sé, bhí an Béarla imithe! Bhí an-diomú san M. nuair a thainig sé d'uireasa an Bhéarla. Tá an Béarla thíos san bhfaslach sin fós dá gcartaí é! /

Fóiséad: Ainmfhocal, Fireann, Geiniúnach Uathaidh agus Ainmneach Iolraidh: fóiséid.

Fóiséad: cineál coic nó "funnel" a bhíos ag lucht an phoitín. Giota cruinn adhmaid é mar a bheadh píosa de mhaide, ceathair nó cúig d'orlaigh ar airde, agus cupla orlach ar tiughas. Bíonn poll srathra tollta ann. Cuirtear síos é san bpoll coirc a bhíos ar uachtar an cheaig agus taosctar an poitín isteach nó amach as a bhéal i soitheach eicínt eile. Is le gan an poitín a dhóirteadh atá sé dar ndóigh. D'fhóinfeadh sé freisin le ola lampa a chur i lampa, nó le lacht a chur thríd fhiodán chaol ar bith. Ní bhíonn sé ag na hóstóirí measaim.

Fiú: Focal Ainmfhoclach agus Aidiachtach = comhmaith; ionann agus; oiread agus; agus rl.

Is fiú rud ar fónamh a ceannacht / An rud nach fiú a iarraidh, ní fiú a fháil / Breá nach n-iarrann tú air é? An rud nach fiú a iarraidh ní a fháil / Is fiú punt é / Ní fiú a bhéilí é = ní fiú a chuid beatha é (ar scátha bhfuil sé a dhéanamh) = not worth his keep / Níor bhfiú an méid a thug sé air é / Is fiú leath-ghine eile go maith é = ba cheart leathghine eile a thabhairt air, agus bheadh sé saor air sin féin / Cé méad is fiú é, déarfá / Céard is fiú scadán agus a leat ite? [Freagra: is fiú a iompú ar an taobh eile] / Is mór is fiú an té nach dteagann falamh / Ní fiú do sheacht mallacht é = ní fiú tada é (: it is worthless, useless) = ní fiú deich triuf é (puintín bioráin, biorán, trumpa gan teanga, cianóg, a dhath féin, an ghail a d'eireódh de do chac, lí léithe agus rl.) / Ní fiú a dhath fhéin é / Ní fiú trumpa gan teanga é, ná gach a mbaineann a mbaineann leis / Ní fiú puintín bioráin a bhfuil de thinneas air / Ní fiú biorán rud den tsórt sin / Ní fiú an tairbhe an trioblóid = ní fiú a shaothar a fháil ar scáth a mbeidh de thoradh ar an saothar / Ní fiú easonóir a chur ort fhéin ingeall air / Níorbh fhiú é ar bhain sé de chaint amach, agus gan ann ach sé pínne / Ní fiú mórán an ceann céanna / Ní fiú an chruach ar fríodh dhá hanró / Is fiú go leór é, ach a mbeidh sé deasuithe / Is olc an chú nach fiú fead a leigean uirre / Más fiú dhá phunt é, sé a chlochneart é / Is fiú rud thairis sin é bail ó Dhia air, ach a mbeidh sé in éifeacht / Is fiú ór é le hais Sheáin = is fhearr go fada é ná Seán. (f ʼ ū wōr adeirtear. Cuirtear

mh isteach eatorra) /[Is fiú ór an teach atá aige le hais an tí seo thíos /
Is fiú ór an aimsir atá anois ann thar mar a bhí sí le mí. Níor
tháinic aon-lá ón Nollaig a leigfeadh luch as poll ná diabhal as
Ifreann]/ B'fhiú mhór na muca a bhí aige ar ghualainn muca C.
Ní raibh cruth ar bith ar chuid Ch.: dhá loisneachán mhóra chaite /
[Ní fiú trumpa gan teanga é san áit a mbeadh M. Mh. ach is
fiú ór é in a dheidh sin i gcomórtas J. Ní fhágfadh sé putóig
in J. / Is fiú ór inniu mé thar agus inné. Dhá gcloistheá ag blaoch le
pian inné mé! / Is fiú an t-airgead í a thug tú uirre. Amháin
más fiú, go mb'fhearr dhuit gan bó ar bith a cheannacht faoi
láthair, ach fanacht leat / Ní fiú é a fháil / Ó b'fhiú an dá phunt é,
bhí sé cho maith a chaith chuige]/ Is beag is fiú mo phunt ach a mbeidh
tosaigh bróg ceannuithe as = is punt sporha a bhéas ann /[Is beag
is fiú an lá anois, má tá sé an cúig a chlog = tá sé beagnach
caite / Ba bheag ab fhiú an chruach dhá mbeadh "leoraí" eile bainte
ais = bheadh sí bun-chaite go maith / Ba bheag ab fhiú an garraí
dhá bhfaghadh an bheirt againn lá eile air = bheadh sé ionann agus
curha nó críochnuithe / Níl mo chuid fataí fhéin caite fós, ach
is beag is fiú iad anois. / Ní mórán is fiú an portach siúd thar
eis lá eile. Ba cheart go dtiúrfadh lá eile cúnamh maith
air. Beidh deireadh mo chuid móna bainte annsin, imbliana /
Ní mórán is fiú an lá, ach a mbeidh tú réidh annsin / Is mór is fiú
an aimsir a bheith go breá]/ Ní fiú é tada a dhéanamh dhó / Cén fáth
gurbh fhiú mé eisean ag tabhairt a iníne dhom / Ní mheasaim gur fiú
L. thusa a dhul ag tógáil a pháirt / Ba mhaith ab fhiú é a dhéanamh,
dhá bhfaghadh na daoine ionú air / Níorbh fhiú dhó a dhul ag fiacha ar an
dílleachta bocht sin / Is fiú a dhul ag tógáil na feamainne = is fiú
do na daoine etc / Is fiú dó (cumaoin a chur ar J.). Is iomdha
cumaoin a chur J. air ariamh / M'anam gur fiú dhuit. Tá tú ag
fáil rud uatha /[Tabhair lá oibre dhó. Is fiú dhuit. Is maith é
féin / Ní fiú dhom suí. Caithfidh mé a bheith ag greadadh / Ní fiú dhom dhá
aistear a dhéanamh den chosamar (feamainne) seo. Baileóidh mé den
aistear seo é. Níorbh fhiú dhom a dhul ag cur tabhairt eile orm
fhéin]/ Ní fiú dhó é (: a bhaint) go mbeidh sé uiliog ar aon-bhaint

amháin / Ní fiú gan a dhéanamh in éindigh anois / Ba mhór ab fhiú don oíche, dhá dtosuíodh sé ag báisteach. Leigfeadh sé faoi = tá an oíche garbh anois, ach dhá dtosuíodh sé ag báisteach, lagfadh an stoirm /[Ba mhór ab fhiú don mhóin, dhá bhfaghadh sí seachtain eile mar seo / Is mór is fiú don talamh an múirín báistí sin / Níorbh fhiú leis beannú dhom / Ní fiú leis amháin a thabhairt abhaile anois nuair atá a ghaisneas bainte aige as / B'fhiú leis a iasacht a fháil, ach ní fiú leis a thabhairt ar ais anois / Ní fiú lib dos a chur san mbearna siúd, ach cead a thabhairt do bheithigh na tíre a dhul isteach ann]/ Ní fiú leis dom an bhainis = ní shíleann sé gur fiú mé é go dtiúrfadh sé an bhainis dom / Ní fiú le m'athair an leabaidh fhéin dom, ach cead agam codladh ar an urlár /[Ní fiú leis buíochas a ghlacadh le duine as ucht a dtugtar dó]/ Níl fiú's na léine le mo chraiceann = níl oiread agus an léine le mo chraiceann = níl léine féin le mo chraiceann [go hiondúil bíonn "agus", "s" in a dheidh i ráití den tsórt seo, ach deirtear corruair é dhá uireasa. In a cheann sin, teagann an geiniúnach in a dhiaidh ach an uair a bheadh rud eicínt eile ar lorg an ainmfhocail le go bhfanfadh sé san mbun tuiseal] / Níl, ná fiú na scillinge aige / Níor dhúirt sé fiú's an fhocail = níor dhúirt sé fiú agus an focal / Go fiú's na pínne, níl sí aige / Ní thugann siad tada dhomsa. Go dtí fiú agus an píopa tobac, ceannuím fhéin é / Go fiú's an méid sin, níor dhúirt sí é / Níl go fiú's an bharr-iall ag gabhail liom]/ Níl faice san teach seo, go fiú's an casúr fhéin / Níor chuir sé chuige ná uaidh. Go fiú agus rádh leis a dhul abhaile, níor dhúirt sé [níor chuala mé "fiú amháin" agus níl sé san gcaint ach san meid go dtáinig sé ó leabhra nó a "ghaeilgeóirí". An le goirid a tháinig sé isteach san scríbhinn fhéin? /

Feistiú, Feistím agus rl. = Briathar = téisclim, cur faoi réir, réiteach amach, deisiú, fastú, géibheann, sothrú, gléas, cóiriú, goití a chur ort féin; faoi réir; ollmhuithe.
Feisteas: Ainmfhocal Fireann = éadach; gléas, culaith, cóiriú, ollmhachan, fastú, ceangal agus rl.
[Geiniúnach Uathaidh agus Ainmneach Iolraidh = feistis]

Cheal nach bhfuil tú feistithe fós len imeacht? = faoi réir; do chuid éadaighe ort, nó

do chuid éadaigh athruithe agad etc / D'fheistigh sé é féin le dhul 'na bhaile mhóir = réitigh; d'athruigh sé éadach etc. /[Nach hé atá feistithe amach 'un bóthair len a hata cúil agus a chuid miotóg / Is breá atá sé feistithe inniu = gléasta, cóirithe / Bean bhreá fheistithe a bhí inte = gléasta / Ná cur malrait éadaigh chor ar bith ort fhéin. Tá tú sách feistithe mar tá tú. Nach agad atá an cás faoi dhaoine? / Dar príosta, tá sé an-fheistithe inniu. Cáid ó chuir sé "culaith Mheiriocá" air fhéin (: culaith ghalánta ar bith) / Bíonn sé cho feistithe le duine uasal chuile lá san mbliain / Ní scráibín é. Tá sé ro-fheistithe le bheith ag plé leis an láidhe]/ Nach hí atá feistithe suas in a péacóig againn! / Tá sé dhá fheistiú féin len imeacht / Deir siad go raibh a inín in Gaillimh ag damhsa, agus í feistithe in a máirnéalach = gléasta mar mháirnéalach / Tá sé feistithe chun achrainn anois = deisithe nó faoi réir le dhul ag troid; stiúir achrainn air / Nach maith luath atá tú feistithe chun bréaga = réitithe amach; ag tosaí ag innsean bhréag / D'fheistigh sé amach é fhéin le dhul ag gabhail fhoinn = chuir sé goití foinn air fhéin / Ní raibh mé feistithe le dhul ag damhsa an uair a chuaigh an dream eile ar an urlár = faoi réir /[Dheamhan a bhfuil muide fheistithe fós muise le dhul ag cur. Níl aon-léasú againn / Bheadh na faiceannaí feistithe ag lucht na tórradh agus thosóidís ag lascadh "an Dá Cheannaí" cho luath agus a thiocfaidís isteach]/ Feistithe faoi san teach seo thiar atá sé anois chuala mé = socruithe nó curha faoi /[Ná tugaighí cead dó feistiú faoi thoir ar an mbaile agaibh chor ar bith nó 'ur gceann finne ní chuirfidh as é / An bhfuil a fhios agad cé a fheicim feistithe faoi thíos san ngarraí ag A. ach M. an Ch. Sclábhaí maith a mh'aisce!]/ Má fhaghann sé feistithe san gclúid, ní fhágfaidh sé í go maidin / Tá sé ag feistiú annsiúd anois leis an oíche a chaitheamh ann = dhá shocrú féin; ag cur goití agus cumaí air fhéin nach bhfágfaidh sé é go maidin / Má tá sé feistithe isteach chun boird, ní eireóidh sé as imirt go ceann fada / D'fheistigh N. chuige agus chuir sé suas "speár" leis = theann sé isteach chuig an bhfear eile / Tháinig sí ag an doras ag M. le dhul ag sciollaíocht uirre, ach bhí M. feistithe roimpe = faoi réir í féin le dhul ag troid /[Más ag iarraidh sáraíocht atá tú, teirigh soir chuig D. Ph. Beidh sé sin feistithe rómhat, agus is maith a chruthós tú nó tiúrfaidh sé focal ar an bhfocal dhuit]/ Tá sé

feistithe faoi chomhair an tsagairt i mbliana = tá an teach réitithe amach aige l'aghaidh na "héisteachta" (: "stations") / Is teach feistithe é = gléasta; gach rud ann a theastaíos idteach / Tá párlús cho feistithe annsin agus a d'fheicfeá thoir tigh an L. = cho hornáilte; deisithe amach / Feistigh an capall … Dar brí an leabhair, tá sé in am agad í a bheith feistithe agad feasta = an gléas nó na húmachaí a chur uirre / Feistigh an tsrathair sin ar an asal, go dteighe mé ag feamnadh / Chreidim go bhfuil an churach feistithe amach agaibh chun farraige = faoi réir le dhul chun farraige]/ Tá sé feistithe amach le dhul go Sasana = gach rud nach fuláir a dhéanamh le dhul go Sasana déanta aige / Tá poll fataí eile feistithe aige = críochnuithe, déanta /[Bhí an leoraí feistithe len imeacht aige nuair a tháinig M. chuige ag iarraidh maircíocht' / D'fheistigh sé an bád san gcéibh = a ceangal, a fastú, geibheann a chur uirre i gcaoi agus nach n-imeódh sí / D'fheistíomar an curach i gcaladh beag a bhí ann]/ Is furasta aithinte gur dona an feistiú a thug siad uirre, nó nach n-imeodh sí = bád / "Thug sé feistiú lae agus bliana ar an mbád nar bhaol di grian dhá scoilteadh ná gaoith dhá corraí, nó go dteagadh sé féin ar ais aríst" = gnath-sheoraí sna scéalta / Thug sí feistiú róid ar an mbad = an feisteas nó an bannaí chomhnaí a thugtar ar bháid agus ar longa amuigh ar an ród nó ar mheath iascaigh nó ar mhuráite; an t-ancoire a chaitheamh amach agus rl.; deirtear freisin le feistiú i gcaladh nó i gclochar báid, nó i gcéibh é / Tá feistiú róid ar an bpucán annseo thiar san gcéibh / Tiúrfaidh sé feistiú róid uirre annsiúd. Fanfaidh sí ann go maidin. Is fuar an áit: amuigh ar an meath mhóir / Chuir muid feistiú róid uirre san gclochar. Is gearr go luighfidh sí]// Is deas an feisteas atá uirre = culaith éadaigh; costume / Is mór an spóirt an feisteas a chonnaic mé ar inín Mh. inné / Nach air atá an feisteas farraige = éadach farraige / M'anam gur feisteas sagairt atá air siúd, bíodh sé amhlaidh nó ná bíodh /[Ní raibh sé in a bhocaileá ariamh ag breathnú, nó gur chuir sé an feisteas siúd air féin / Diabhal feisteas ceart orm fós le dhul ag baint (: mhóna). Tá glaicín fheamainn tirm le cocadh agam, agus … = níl mé faoi réir / Dhá mbeadh aon-fheisteas ceart ar na cruacha sin agam, ghabhfainn ag baint scoilb cupla lá =

díon agus súgáin, agus iad sceacháilte suas agus rl. / An bhfuil an capall sin i bhfeisteas agad? = feistithe; úmuithe / Nach hé a chur an feisteas achrainn air fhéin! = stiúir, cosúlacht / Tá feisteas san mbaile seo thoir = gléas, éadaigh breá; faisiún /['Ar ndú ní chuig an Aifreann a ghabhfá san bhfeisteas sin. Dheamhan náire ar bith fanta ionad má sea / Tá sé ag imeacht gan feisteas ar bith anois = droch-éadach air / Thiocfadh sí le feisteas nach mbeadh leath cho scanruithe]/ Is teach é a bhfuil feisteas air = gléasta amach, deisithe /

Foranach, Foránach: Ainmfhocal; Fireann [chuala mé an dá leagan air]
Foranach foránach = fear mór, árd téagarach; cuaille mór fir; fear, bó, capall etc. a mbeadh méid agus airde agus téagar ionta; fathach fir nó mná; railliúnach

Tabhair foránach fir air! / Ba shin é an foranach nuair a bhí sé óg, ach tá sé tuithe ar a chéile anois, leis an aois /[Cé leis an foránach sin? Is breá láidir an fear é, bail ó Dhia air! / Foranach breá de bhó í. Cé uaidh ar cheannaigh sé í? An anuas ab ea? / Ní thaithneódh an foranach de chapall sin aige liom. Tá an iomarca airde inte. D'fhear Achréidh a d'fheilfeadh sí sin: fear a mbeadh obair aige di chuile lá i mbéal a chéile. Má leigtear chun díomhaontais í sin chor ar bith, ní bhainfidh fir na hairí ceart di faoi charr. Dar fia féachfaidh sí eisean ar aon-nós]/

Frigh (: f ' r ' i), Fríd, Frídín: Ainmfhocla, Buineann [bíonn frídín nuair a chiallaíos sé loisead dubháin nó a leithide fireann go minic]; Geiniúnach Uathaidh: na frigh (f ' r ' i); na fríde; an fhrídín (gan athrú); Ainmneach Iolraidh frigheanna (: f ' r ' iNī), frídeannaí, frídeachaí, frídíní [is rí-mhinic gur frídíní an uimhir iolraidh ar "frigh" agus "fríd" cho maith le "frídín". Fríde an t-Ainmneach Uathaidh go minic freisin]
Frigh, Fríd, Frídín: sórt péist nó míol atá an-bheag; fíneóg; mac eilimistín na súl, rud atá an-bheag; a dhath ar éigin dubhradáin; oiread amén; faice; ceó ar bith; rud nach léar duit.
Fríd, Frídín: i dteannta an chiall réamráite, ciallaíonn "fríd" agus "frídín" — ach ní chiallaíonn "frígh-" — (i) an loisead, nó an colg a bhíos ar bhéal dúbháin, ar fháinne muice, ar shleaghannaí etc. (ii) faoilte nó gealadh san tsúil, san leiceann le linn gáire nó fáilíochta.

Cineál eicínt frigh atá san míolfairt sin freisin. Níl aimhreas ar bith nach hea / Dhá mbeitheá sách grinn, d'fheicfeá na frídeachaí sin amanntaí i min / Tá frídín eicínt istigh in mo chois idir fheoil agus leathar. Is furasta aithinte uirre é agus an phreab atá inte. Go deó go dteaga an fhrídín sin amach ní chneasóidh mo chois / Is lú ná frigh máthair an droch-ábhair = ní lú fríde ná máthair an oilc = ní lú an frigh ná síol na hanach-ain = is fánach an rud a tharraingíos nó a bhrostaíos achrann; lot an-fhánach, tá sé indon bás a thabhairt do dhuine agus rl. /[Níor dhúirt sé focal ná smid thairis sin anois, ach 'ar ndú, ní lú fríde ná máthair an droch-ábhair / Bhí agad an léas sin fhéin a thapú. Dhá dtapuightheá ní shéidfeadh sí in a lot. Ní lú ná frigh, adeir siad, síol (máthair) na hanachain, go sábhála Dia sinn]/ Níor tháinig ceó na fríde orra (fataí) = a dhath fhéin (blas na fríde, oiread na fríde, dath na fríde) / Níl oiread na fríde ann = é an-bheag / Níl dath na fríde orm = a dhath fhéin / Níl blas na fríde fágha / Coinnigh isteach dubh na fríde (dubh na hiongan) (fc. dubh) / Níl faic na fríde air = tada / Níl faic na fríde aige = cianóg ruadh /[Ní dhearna sé faic na fríde le seachtain = fionna feanna / Níl luach na fríde de mhaith ionad = níl maith ar bith leat / Níor tháinig méid na fríde air le deich mbliana = méid ar bith / Níl fad na fríde i bhfeac na láighe seo / Phiocfá frídíní san lóchrann a bhí ar an mótar = bhí an-lóchrann air / Bhí scaltrachaí toirní ann agus phiocfá frídíní leo / Bíonn solas ar an lampa sin scaití agus phiocfá frídíní leis]/ D'fheicfeadh sé an fhríd = d'fheicfeadh sé fríd ar dhruim na muice duibhe (ar thóin agus rl.) = tá sé an-ghrinn; tá an-amharc aige / Ab é mac Bh! D'fheicfeadh sé fríd ar dhruim na muice duibhe / Ní bheidh sé ann ingan fhios dó siúd mo léan! D'fheicfeadh sé an fhríd fhéin ar dhruim na muice duibhe. Deirimse leat go bhfuil na Laindéir Lasta aige sin / Níl sé cho mór le frigh = tá sé an-bheag; níl méid ar bith ann /[Ruidín beag í — cho beag le frigh — ach tá an gath aice in a dheidh sin / Ní chorródh an fhrigh ingan fhios dó siúd. Tá sé san sluagh sídhe. = duine a fheiceas gach rud a bhíos ag corraí de ló agus d'oíche / Ní chorródh an fhrigh san teach seo thíos nach léar dó. 'Ar ndú' sin é a mhaith agus a mhaoin,]

san áirdeall ar an teach sin. / Cén chaoi a rabh a fhios aige go raibh slaghdán ort? Nach bog atá ar craiceann ort! Ní bheadh an fhrigh ort nach mbeadh a fhios aige siúd faoi. Tá neach aige]/ Níl oiread fríd do shúl ann / Chuir sé an tsnáthaid isteach thríd fhríd na súl aige / Bíonn fríd an gháire inte i gcomhnaí / Ní bhrathfainn é, marach go bhfaca mé fríd an gháire ag teacht ionadsa / Ní raibh frídín an dúbháin san bpus gorm ceart aige (= ag breac) = loisead an dubháin / Tá dhá fhríd ar chaon taobh den pheairlimint (fc. peairlimint). Faisceann siad sin ar a smut /[Sén sórt rudaí a chonnaic mise a chaitheamh iad i Sasana, mar bheadh saighdeannaí ann, agus sórt frídíní nó lannaí ar nós lannaí éisc orra. Bhídís in a n-éadan sna tithe ósta / Tá goibíní anuas ar an "wire" siúd agus frídíní air cho géar le snáthaid]/

Fuiseóg, Fuiseóig: Ainmfhocal, Buineann = an t-éan a dtugtar an "lark" uirre i mBéarla. Tá ar a laghad trí chineál ann: an fhuiseog bheag, an fhuiseóg mhór agus an fhuiseóg shléibhe nó an fhuiseog mhóna [an ceann a bhíos san sliabh]

Bhí sé in a shuí leis an bhfuiseóig = bhí sé in a shuí le giolcadh na fuiseoige (le fáinne na fuiseóige) = leis an réalt / D'eirigh sé inniu le fáinne na fuiseóige / Caithfidh mé a bheith in mo shuí amáireach le giolcadh na fuiseoige /

Fora, Fabhra: Ainmfhocal, Fireann [: fora adeirtear igCois Fharraige, ach fabhra atá i Rosmuc agus san gceáird sin. Feic freisin "maol", "maolabhrach"]
Fora: Fabhra: na ribiúchaí atá anuas as cionn na súl ón gcupán, agus aníos ó bhun na súl. Tá an fora uachtarach in uachtar agus an fora íochtarach thíos.

Tá an-tochas sna foraí agam / Thuit an fora uachtarach dhá shúl dheas / Tiúrfaidh mé faoi na foraí dhuit é, mara n-eirighe tú as = buailfidh mé thú; tiúr -faidh mé fút garbh é; tiúrfaidh mé froisín duit; "I will give you the works /[Gheobhadh sé faoi na foraí é, marach cho héascaidh agus a d'eirigh leis a bheith imithe = bhuailfí é agus rl. / Bíodh beagán cainte agad anois, nó tiúrfaidh t'athair faoi na foraí dhuit é. Agus má bhímse in a dhiaidh ort castar liom é / Tá na Sasanaigh dhá fháil faoi na foraí. Cuiridís ar a son fhéin anois má tá siad indon (le linn an blitz) / Fuair mé faoi na foraí ceart críochnuithe ón bhfliú é. Níor fhága sé ionam ach na cheithre eite]/

Foighid: Ainmfhocal, Buineann; Aidiacht = foighdeach

Foighid: fuilint, fad-fhuilint, fad-éisteacht, troisceadh, neamh-thaghdúlacht, éisteacht neamh-fhuasaoid

Foighdeach: fulannach; fad-fhulannach; neamh-thaghdach, sochma, foighid a beith ionad; gan a bheith ar bís nó beóphianta; a bheith achmainneach glacadh le lear.

Nach mór í m'fhoighid, agus éisteacht leis ar an bhfad sin ag sciolladh orm = nach mór an fhoighid atá agam etc = nach mór an fhoighid a gheall Dhia dom = nach agam atá an fhoighid etc. /[Is mór í t'fhoighid ar chuma ar bith agus a bhfuil fuilinthe agad le seal / Tá foighid aice, agus a bheith indon éisteacht leis an ruibhseach de shean-bhean siúd ag ithe agus ag gearradh uirre ó mhaidin go faoithin agus ó Luan go Satharn / Níl foighid ar bith agad! Is mian leat a bheith igcomhnaí ag glaomaireacht. Beidh an tae réidh faoi ceann noiméad an chloig, ach foighid a bheith agad = má bhíonn foighid agad / Beidh sé le fáil agad anois faoi cheann leathuaire, ach foighid a bheith agad / Béarfaidh an bhó uair eicínt ach foighid a bheith agad go dtí é. / Ara íocfaidh sé thú, ach foighid a bheith agad go dtí é. Tá sé sin cho siúráilte leis an airgead baistí / Gheall Dia foighid duit, nuair nach speireann tú an t-amhlóir sin uair eicínt / Go dtuga Dia foighid dom! Is mór a chaithfeas mé a leigean tharm! / Maróidh mé é lá eicínt, mara dtuga Dia foighid dom / Nach aige atá an fhoighid léithe! Is iomdha fear eile a dhéanfadh cuailín cnámh di, agus í a bheith ar an gcaoi siúd! / Dheamhan bréag nach raibh foighid agad le na gasúir sin ó mhaidin. Sháróidís aonduine beó len a gcuid gleó agus sclamhaireacht]/ Bíonn an-fhoighid aige le daoine, ach má theigheann daoine eile thar an lá cáirde chor ar bith, fuagraíonn sé dlí orra = ní bhíonn aon-deifir mhór air ag éiliú íocaíochta, ná ag fuagairt dlí de bharr neamh-íocaíochta ar chuid de na daoine / Tá an-fhoighid aige (le pian, gleó, magadh, sciolladh, etc.) /[Is diabhlaí an fhoighid atá agad le na doigheachaí bail ó Dhia ort = a bhfulaint gan aon-fhuasaoid / Bhí an-fhoighid agad leis an mbróig sin. Chaithfeadh sé gur fhulainn tú an t-uafás léithe]/ "Tá dhá chéad acra talúna aige" arsa mise, "agus an teach mór sin a fheicfeas tú, agus gan neach an aoin bheó abuil sé ach buachaill". "Níor phós sé ariamh", adeir an spailpín. "Níor phós" arsa mise. "Ba diabhaltaí an fhoighid a bhí aige", adeir an spailpín = go raibh sé indon troisceadh ó phósadh nó ó mhná /[Níl sé d'fhoighid agad (ionad) éisteacht le duine nó go n-innsighe sé a scéal. Caithfidh tú do ladar féin a bhualadh ann / Ní bheadh sé d'fhoighid aige fanacht go bhfiuchadh an "kettle". Scáird sé amach ar an "taepot" fuar

beitheach é / Iarr air foighid a bheith aige go fóilleach go n-imighe an dream eile seo]/ Tá an ceann céanna ar bheagán foighde, tá sin / Is mór an fhoighid (is iomdha foighid) nach fuláir do dhuine a bheith aige in éindigh leis siúd. Má leigeann tú taghd ar bith in do ghoire, ní dóighide dhuit rud a dhéanamh ná a mharú / Is lú an fhoighid é ná an t-athair aríst, agus tá a fhios agad fhéin go bhfágann sin ar bheagán foighde é / Nach beag an fhoighid thú, nach n-éist-feadh go mbeadh duine réidh. [Cén chaoi a bhféadfainnse do bhéilí a bheith réidh agam agus mé ag bleán. Nach bhfuil a fhios agad an áit a dteigheann an láimh go dteigheann an chois / Tá foighid mhór (an-fhoighid, foighid an tsaoil, foighid thar cíonn, foighid na naomh, foighid asail, etc.) aige leat, agus a gcumann tú dhó / Caithfidh na daoine foighid a bheith aca 'ar ndú'. Ní in aon-lá a rinneadh an Áirc. Feabhsóidh an saol fós le cúnamh Dé / Níl léamh ar bith air le foighid. / Bíodh foighid thairis sin ionad. Nach bhfuil sé ag goilliúint orainn fhéin cho maith leatsa, ach céard a fhéadfas muid a dhéanamh? /[Chaith mé mo chuid foighde leis, agus i gcomhnaí ag tuineamh leis ag ceapadh go ndéanfadh sé chuile lá é, ach mo léan géar an déanamh sin!]/ Chuaigh ar an bhfoighid ag an bhfearg orm nuair a chonnaic mé céard a rinne sé / D'imigh an fhoighid uaim, ach ar bhris sé an chathaoir /[Is mór is fiú an fhoighid fhéin / Tiocfaidh foighid dó ar ball ach a mbristear a smút]/ Glac foighid a dhuine = teagadh foighid duit / Ní ghlacfadh sé foighid ar bith nó go ndéanadh sé é = ní raibh foighid ná suaimneas in a chionn nó go ndéanadh sé é / Rinneadh an éagóir sin orm, agus ghlac mé in a fhoighid é in a dheidh sin. Nach raibh sé cho maith dhom / Nuair nach mbeadh aon-cheó de bharr na droch -mhúineadh, bheadh sé cho maith do dhuine rud mar sin a ghlacadh in a fhoighid / Déan foighid a dhuine sin! = glac foighid = leig fút / Tá tú ag dul thar m'fhoighid. Ní i bhfad eile a éistfeas mé leat = níl aon-fhuilint agam leat a thuilleadh / Tá mí-fhoighid air nó go n-imighe sé = tá sé ar bís nó beophianta; is fada leis go n-imighe sé /[Tá sé ar bís le mí-fhoighid / Mí-fhoighid uiliog é / Ná leig don fhoighid a dhul ó stuaim ort = ná teagadh fearg nó olc ort; coinnigh ag tuineamh leis an rud / Tá mé ag ceapadh nach mór do mháistir scoile an-fhoighid a bheith aige. Agus má leigeann sé an fhoighid ó stuaim chor ar bith; ní dóigh cleas dó ná duine eicínt a mharú]/ Leig mé an fhoighid ó stuaim faoi dheireadh, agus thug mé iarraidh dhó / Is maith a chruthaíos sé gan an fhoighid a leigean ó stuaim, agus í siúd ag

siocadh leis ar feadh an lae agus na hoíche /[Cén neart a bhí aige air. Chuaigh an fhoighid ó stuaim air, agus bhuail sé snaidhm ar an sean-fhear. Ní raibh rún ar bith aige é a mharú, ach mharuigh in a dheidh sin / Ná teigheadh an fhoighid ó stuaim ort ar aon-chor. Coinnigh guaim ort fhéin. Ach ná bíodh cás ar bith agad faoin a n-abróidh tú leis / Má theighim in a éadan chor ar bith gabhfaidh an fhoighid ó stuaim orm, agus buailfidh mé é / Coinnigh stuaim ar an bhfoighid = coinnigh guaim ort fhéin; bí foighdeach / Choinnigh mé stuaim ar an bhfoighid cho maith agus a d'fhéad mé, ach bhí sé ag dul thríom é a mharú chuile phuinnte in a dheidh sin]/ Níl de leigheas air anois ach a mharú le foighid = níl de leigheas air anois ach a bheith foighdeach fulannach, agus b'fhéidir gurbh amhlaidh ab fhearr é leis an aimsir. / Fág mar sin anois é, agus maruigh le foighid é. Níl a mhalrait le déanamh / Tá an geábh sin uainn, agus níl le déanamh anois ach mar dúirt an fear fadó: a mharú le foighid / Is maith í an fhoighid ach is dona í an fhaillí (fc. faillí) / Faghann foighid fortún = má fhanann duine ag tuineamh go foighdeach le rud, déanfaidh sé bun san deireadh, nó beidh an t-ádh air / [Dar fiadh is maith a shaothruigh sé é, ach tá rud dhá bharr aige anois. Mar sin a bhíos sé: faghann foighid fortún / Má ba páighe bheag fhéin a bhí dhó, chaith sé in a bun, agus rinne sé gnatha maith san deireadh. Faghann foighid fortún]/ Sí an fhoighid a sháruigh an dubhchinniúint = sháruigh an fhoighid an dubhchinniúnt = má bhíonn duine sách tuineannta, is cuma cén míádh nó na treampáin a bhéas air, beidh an báire leis san deireadh, agus cuirfidh sé a chúis i gcrích, nó gheobhaidh sé fortún / D'imigh a bhean agus beirt dhá chuid páistí uaidh. Bhí sé báite i bhfiacha. Ní raibh bonn bán air, agus in a dheidh sin fhéin, níor leig sé a mhaidí le sruth. Tá a shliocht air: sí an fhoighid a sháruigh an dubhchinniúint. Is maith saidhbhir an fear inniu é. Is cóir adeir siad go bhfaghann foighid fortún / B'iomdha leagan a baineadh as Debhelera, ach sháruigh an fhoighid an dubhchinniúint. Tá an báire leis inniu. Ní bheadh marach go raibh Dia agus Muire in a cheann]/ Ní raibh foighid ná fuireach orra go dteigheadh an bheirt aca ar cuairt, agus chuaigh = ní dhéanfadh sí foras ná comhnaí / Ní bheadh foighid ná fuireach air nó go bpósadh sé. Is dona a chuaigh an pósadh dhó muise, an duine bocht. Chuir an bhean ag caitheamh na miotán é /[Ní raibh foighid ná fuireach uirre, go dtugadh sí Sasana uirre fhéin. Ach dhá mhine ghéire dhá raibh sí ag imeacht, ba mhine ghéire ná sin í ag teacht agus a leath

sciathán briste. Is olc a theigheas uabhar do na daoine / Ní bheadh foighid ná fuireach ort go dteightheá ar páighe. Is maith drugalach anois thú. Fuair tú do sháith di is cosúil. Múinfidh sin thú. Múineann an saol daoine. Sé atá i riocht]/ Tuar feirge foighid Dé = mar a bhfoillsighe Dia rud, is amhlaidh is measa é, mar sin comhartha gur measa a bhéas an díoltas amach annseo / Is íontas é nach n-agródh Dia orra é, agus a bhfuil siad a dhéanamh de chréatúlacht, ach is tuar feirge foighid Dé. Tá muiltí Dé mall ach meileann siad go mín / Cuir foighid ann = i bpáiste cuirigcás, a bheadh ag caoineadh; é a bhréagadh; nó fear a bheadh ag gabhail le buile ag iarraidh achrainn, nó capall meargánta nó a leithide /[Ní gabhfaidh sé chun foighde go maidin uaidh fhéin. Gabh anonn agus tabhair dhó an t-iongás sin thuas ar an drisiúr, agus b'fhéidir go gcuirfeadh sin foighid ann (: páiste cantalach)]/ Tá sé in am agad foighid a theacht ionad, agus gan a bheith in t'abhallóir i gcomhnaí. Dheamhan do leithide d'abhallóir de pháiste a bhí san teach ariamh / Má theagann fearg air siúd is deacair leis foighid a dhéanamh. Ach an té a ghabhfas ag cur foighid ann, is fear i gcontúirt é / Thosuigh sé ag bollaireacht luath go maith, agus ní dhearna sé aon-fhoighid aríst ar feadh na hoíche. Bhí a raibh san teach leis ag cur foighid ann, ach ní raibh aon-mhaith ann nó go ndéanadh sé an bualadh agus an briseadh / Má spréachann sé sin, níl aon-fhoighid le cur ann /[Shíl mé nach gcuirfinn foighid ar bith inte (i gcapall) nuair a chonnaic sí an bus / Ní dhearna an madadh sin aon-fhoighid ar feadh na hoíche ach ag tafann / Is doiligh foighid a chur san té a n-eireóidh an t-ól in a cheann]/ Tá foighid ag an oiche anois = i leighe fúithe; an gála lagha / Meastú an ndéanfaidh an gála seo foighid ar bith / Sén fear is lághaí a chonnaic tú ariamh é, ach má thosuíonn sé chor ar bith (: ag achrann), ní féidir foighid a coinneál ann. Tá sé réidh le foighid uaidh sin amach / Ní fhaca mé aon-chantalóir de pháiste ariamh a chinnfeadh air. Ní féidir foighid a choinneál ann / Bhíodh sé an-mhór ag cur a chosa uaidh in aghaidh an Ghovernment, ach chuir siad foighid ann; foighid an phóca = thug siad airgead dó nó slí airgid len a choinneál in a shost (foighid na crúibe, agus foighid an sparáin freisin) /[Ba ghearr gasta a bhí an fear thiar ag cur foighid an phóca ann / Sé an t-airgead atá indon a gcur frén a chéile in a sost. Foighid an sparáin a mhic ó!]/ Foighid! = foighid ort! = foighid ort anois go fóill! = foighid annsin! = fan; ná corruigh; ná

bíodh deifir ort; glac go réidh tú féin; stop; bí in do shost etc. / Foighid! Foighid adeirim! Ná tarraing an rópa uaim /[Foighid nóiméad! Beidh mé leat anois / Foighid ort go bhfeice mé céard adéarfas sé seo amuigh faoin scéal / Ara foighid ort go mbeidh mé réidh! Nach ort atá an deifir! / Foighid ort! Tá rud eicínt le rádh agamsa faoin scéal sin. Sea … / Foighid oraibh, go bhfeice mé a bhfuil an bicycle seo i dtiúin. Má tá beidh mé lib]/ Cuir foighid san gclog sin! [clog gleárach ag bualadh / Is deacair a bheith foighdeach len a leithide sin / Dhá mbeitheá cho foighdeach len a bhfaca tú ariamh, chuirfeadh sé thar bharr do chéille thú / Ní foighdeach go dtí é sin muis, agus an bhail atá ag dul air / Shílfeá nach mbeitheá cho mí-fhoighdeach sin, ach staidéar a ghlacadh leis an rud atá tú a dhéanamh /

Fuigheall: Fuighleach: Ainmfhocla, Fireann; Uimhir Iolraidh; fuigheallannaí; fuighligh.
Fuigheall: easbaidh nó uireasa; ainimh nó éalann; neart, sáith, bráigill agus rl.
Fuighleach: an méid a d'fhágfaí de rud tharéis cuid a bhaint as; greadadh, sáith, leór-dhóthain; mór-dhóthain; an iomarca, do dhíol go maith agus rl.

Tá fuigheall na bhfuigheall de chuile rud aige sin = neart, dalladh de gach rud dhá mbeadh ag teastáil ó dhuine .i. airgead, beatha, maoin etc / Chleacht sí sin fuigheall na bhfuigheall ag baile, ach m'anam gur baineadh as a cleachtadh í ó a phós sí an "druncaera" siúd /[Bhí sé sách bocht scathamh ach tá fuigheall na bhfuigheall aige aríst / Tuilleadh diabhail aige! Ní bheadh leath an chirt leis, dhá mbeadh sé ag dul a chodladh in a throscadh. Nuair a bhí fuigheall na bhfuigheall aige ní thiúrfadh sé aire dhó, ach ag déanamh failic agus drabhláis / Tá fuigheall na bhfuigheall againn san tír seo anois — moladh le Dia! — ar ghualainn áiteachaí eile. Nach ndeir siad liomsa go bhfuil siad ag ithe na mádraí amach faoi na réigiúin / Shílfeá gur fuigheall na bhfuigheall atá aice san mbaile len a bhfuil d'fhonn uirre a dhul ann, agus an fhloscaíocht atá aice faoi. Cidh Dia muis go mba shuarach agus go mba ghortach a chonnaic muide a baile an uair a ghabh muid ann. 'Ar ndú' sé a leithide is leith-eadaí a labhródh]/ Tá an oiread fonn cuartaíocht air san teach bhradach sin thíos, agus go sílfeá gurb é fuigheall na bhfuigheall a fhaghas sé ann. Faghann muis! Fuacht agus deallradh, agus gan splannc theine ar an teallach ann / Bhí fuigheall

na bhfuigheall de chuile chineál ar an mbainis /[Gheobhadh an capall fuigheall na bhfuigheall san bpáirc sin thuas. Bhí sí ag dul go glúine i bhféar inte. Ní raibh aon-mhaith ann in a dheidh sin go dteigheadh sí i mbradaíl. Sin í an cailín! / Tá fuigheall na bhfuigheall de chuile chineál éisc san bhfarraige sin amuigh, an té a bhfuil de rath air a mharú / Níl aon-lá san mbliain nach mbeadh fuigheall na bhfuigheall aige annsiúd, marach a bheith go dona dhó. Tá an choill druidhe le coiníní agus chuile cineál éan agus 'ar ndú' tá bradáin san abhainn ar árdú orm, agus gan bacadh ag maora ar aonduine. Ach tá sé in a spreallaire ro-mhór le dhul in a ndiaidh]/ Tá saol na bhfuigheall aige sin = saol maith; "saol Toby"; saol thar cionn / Bhí saol na bhfuigheall aige scathamh. Ní raibh aon-chaidéis ag dul air, nó go dtáinig an t-oighre óg. Ach ó a tháinig sé sin, níl saol fata i mbéal muice aige. Ní mhaireann rud ar bith ach tamall 'ar ndú' / Fágann sí sin fuighealleannaí in a diaidh ar daoine go sábhála Dia sinn (: an bhruitíneach) = mara n-imighe an bhruitín-each ceart de dhuine, fágann sí éalann eícint air; a ghreamaíos go deo in a dhiaidh sin / Séard é an criotán sin atá uirre fuigheall bruitíní. D'eirigh sí agus chuaigh sí amach agus an bhruitíneach maol dearg amach thríthe. Tá a shliocht uirre ó shoin /[Bhí sé leathchéad bliain sul a dtáinig an bhruitíneach air, agus d'fhága sí fuigheall in a diaidh: casacht agus réama. Is olc í an bhruitíneach mara dteaga sí in a ham fhéin / Fuigheall bruitíní é sin — uisce ag teacht amach thríotha: bráthann. Níor mhór di aire a thabhairt dóibh (gasúir). Is olc iad na gearbaí atá orra / Is minic a theagas meirfean orm anois le goirid. Fuigheall fliú é. Dheamhan ar tháinig aon-mheirfean ariamh orm gur bhuail an fliú sin go deir-eannach mé / Bíonn dógh croí orm chuile puinnte le coicís mara fuigheall fliú é]/ Tugann fuigheall fiabhrais na rudaí sin ar fad leis = tagann na galraí sin ar fad dhá bharr / Fuigheall a d'fhan air ó fhiabhras. Sé a scuab é / Níor thug sé an bhacaíl as bruinn leis, adeir siad, ach is fuigheall baistí í. Níor baisteadh ceart é. 'Ar ndú diúltaigheamuid dó, shílfeá gurb aisteach an rud é sin = deirtear go mbíonn daoine ann nach mbaistear ceart, agus go mbíonn éalann orra dhá bharr / Ní fhágfaidh an t-anam progadóir, nó go mbeidh chuile fhuigheall den pheacadh glanta dhe /[Má fhanann fuigheall peacaidh ar bith ar an anam, rachaidh sé go progadóir]/ Nar fheice

Dia fuigheall aithrí air! = go bhfagha sé bás ar staid na ngrást; nar
fhana rud ar bith de thrillín ar a anam go gcaithfeadh sé piorfhiachaí
a chur dhe /[An gcreidfeá-sa go bhfeictear daoine thréis a mbáis:
daoine a bhfanann (a mbíonn) fuigheall aithrí orra, agus a chaithfeas an
oiread seo achair a chaitheamh ar an talamh ag cur phiorfhiachaí dhíob?
Déarfadh daoine go bhfuil sé amhlaidh. / Is cuma d'aonduine é a gheobhas
bás ola agus aithrí, agus nach mbeidh aon-fhuigheall aithrí air]/ Níor fhága sé
fuigheall molta air = mhol sé go haer é = níor mholadh go dtí a mholadh
air / Ní fhágann sé fuigheall molta anois air. Is gearr
ó gur dhá cháineadh a bhíodh sé. Is gearr idir dhá scéal aige / Tá
an obair sin gan fuigheall = uireasa ar bith = tá sí ar deil;
déanta go maith /[M'anam hébrí cé a rinne an chuinneóig sin ar
chuma ar bith go ndeárna sé gan fuigheall í. Ní chreidfinn gurb
é an C. a rinne í. Ní fhéadfadh sé a bheith cho stuama sin / Tá sé
déanta agad anois, agus déanta gan fuigheall, go leige Dia mór
do shaol agus do shlainte dhuit]/ M'anamsa muise go bhfuil an crudh sin déanta
: déanta gan fuigheall cho maith agus dhá mba amach as teallach an
ghabha a thiocfadh sé. Déanta gan fuigheall béim an chasúir a mhic ó =
gan lorg an chasúir go ciotach air; déanta igcruth agus nach n-aithneochaí
gur togha fear ceirde a rinne é /[Is cliú dhuit an teach a rinne tú bail ó
Dhia ort. Tá sé déanta gan fuigheall béim an chasúir // Ar fhága tú
fuighleach ar bith, nó ar ídigh tú an gainimh ar fad? = tada in do dhiaidh / Caith
fuighleach an dinnéir annsin ar an gciseoig go dtuga mé don asal iad
(fataí) / Níor mhiste do dhuine agaibh a dhul suas leis an gcarr lá eicínt
an tseachtain seo agus an fuighleach móna siúd a thabhairt anuas, nó goidfear
í]/ An raibh mórán d'fhuighleach (agad, ann, uait, in do dhiaidh) = fágha /
An méid aoil a fhanfas d'fhuighleach ní ghabhfaidh sé amú. Tá cró annsin
amuigh le bualadh / Má fhanann aon-chosamar den fheamainn sin d'fhuighleach
thar éis an garraí a bheith leasuithe, caith le claidhe í, agus fónfaidh sí
l'aghaidh múirín a dhéanamh /[Níor mhór duinn a raibh againn. Dhá mbeadh
agus a oiread eile, ní bheadh deóir ar bith d'fhuighleach / Ar fhan greim ar
bith feóla d'fhuighleach an bhéilí inniu? … Cheal nar fhan? / Scar mé an cúl
siúd uiliog le síolta, agus tá an méid sin d'fhuighleach / Cheannaigh mé ceathrú
puint síl, agus ní raibh an ghionnóid fhéin d'fhuighleach]/ Tá an méid sin

d'fhuighleach, théis gur shíl mé nach mbeadh leath mo dhíol agam / An méid a bhí d'fhuigleach ag an mbus, cuireadh mótar beag amach fútha = an méid a bhí fágha nuair a bhí an bus líonta, agus narbh fhéidir leis a dtabhairt leis / Is fhearr fuighleach ná easbaidh = is fhearr an iomarca den rud a bheith agad ná a bheith gann /[Caith ann uilig é. Bíodh leis. Is fhearr fuighleach ná easbaidh / Dhá chloich eile a chuirfeadh go fuighleach thú = dhá mbeadh dhá chloich eile agad bheadh do dhóthain agad agus tuilleadh agus do dhóthain / Chuireadh boirdín eile feamainne go dtí do dhóthain thú. Chuirfeadh agus go fuighleach]/ Tá móin go fuighleach againn ar chaoi ar bith hébrí cén easbaidh eile atá orainn = tá neart nó fuighleach móna againn; ar leór dhóthain móna / Más cúrsaí talúna é, tá sin go fuighleach aige. Níos mó ná díol a fhreastail / I ndomhnach duit tá ola go fuighleach againne / Chleacht sé sin fuighleach = bhí a dhóthain le n-ithe agus len ól aige ag baile / "Go bhfóire Dia annseo ar an té a chleacht fuighleach" adeir fear an Chillín nuair a chuaigh sé ar aimsir go Rosmuc = [magadh] bhí sé igceist nár chleacht ceachtar aca fuighleach, agus ní bheadh sé ag dul ar aimsir go Rosmus ar aon-chor / Rinne sib cuairt gan fuighleach di = nuair a d'fhanfadh daoine ro-fhada nó thar an am ar cuairt an áit /['Ar ndú' ní istigh i dteach ar bith atá tú go dtí an tráth seo. M'anam gur tú a rinne an chuairt gan fuighleach di. Diabhal bréag! / D'ith sé uiliog é: sé nar fhága an fuighleach / Níor chaith sé uilig é. Tá fuighleach beag ann / Tá fuighleach agam san méid seo = mo dhíol go maith / Fuair mé mo sháith agus fuighleach ann]/ Tá fuighleach fataí (airgid, óil, talúna, móna, feamainne, etc.) agam = mo dhóthain go maith / Tá fuighleach airde inte d'fhear ar bith, agus togha gnaitheach de chailín í / Tá fuighleach méid san teach sin d'fhear tíre ar bith /[Tá fuighleach aoise aige le maith a bheith ann, dhá mbeadh aon-mhaith indán dó / M'anam go bhfuil fuighleach slaicht inte mara spéir an gréine ar fad atá tú a iarraidh]/ D'ith mé fuighleach a mh'anam = mo sháith go maith / Coinnigh fuighleach duit fhéin ar chaoi ar bith = do dhóthain / Meastú an dtóigfeadh fear ar bith a fhuighleach seisean? = bean a raibh sé ag dul in éindigh léithe agus a bhí cuileáilte aige / Fuair sé fuighleach le déanamh agus a theacht abhaile = ar éigin a bhí sé indon a theacht abhaile /[Thug sé fuighleach le déanamh dhom, an bord feamainne a choinneál ar an asal, aníos an caracán siúd / Dar príosta tiúrfaidh sé fuighleach mór le déanamh dhó a theacht as an tinneas seo = gabhfaidh sé rite leis; sé is dóigh gur bás agus nach biseach a gheobhas sé]/

Fuil: Ainmfhocal Buineann. Geiniúnach Uathaidh: na fula, fhola, fala.

Uimhir Iolraidh Ainmneach: fuileannaí.

Fuil: Briathar, nó focal agus feidhm bréithir leis.

Fuilteach; Fuiliúil: Aidiachta as fuil

Fuiligh, Fuilím agus rl: Briathar.

Fuil = (i) san leagan fuil leat = imigh; gabh ann; gread. Ach ciallaíonn sé "fóill ort", "fan go bhfeice tú" amanntaí. B'fhéidir san gcás sin gur meascadh le "fóill" é. Fuaim ll dúbalta caol atá i "fuil leat"

(ii) an lacht atá sna cuisleachaí agus sna féitheachaí i gcolainn duine agus rl.

Fuiligh: fuil a tharraint; gearradh nó goineadh a dhéanamh ar dhuine.

Fuilteach: go leór fola a dhóirteadh; a bheith faoi fhuil.

Fuiliúil: fuil ar fónamh a bheith induine nó i mbeitheach; "breedáilte".

Fuil leat! Nó cuirfidh mise ag imeacht thú agus deifir ort / Fuil leat go beó agus teirigh ag glaoch air / Fuil leat agus ná bím ag breathnú ort níos fuide / Fuil leat in éindigh leis / Fuil leat chuig an siopa ag iarraidh tobac dom / Fuil leat! Ach a mbeire mise ort íocfaidh tú ann"! = fóill ort! [Fuirigh leat?] "You will catch it" / Tá droch-fhuil ionam = galra ar mo chuid fola; faltanas ionam; is de dhroch-dhaoine mé / Níl aon-fhuil inte = tá a cuid fola in a sceidín (anaemic) / Rinne a chuid fola liath uisce ar fad = rinne a chuid fola cineál uisce / Chuaigh an nimh thríd an bhfuil, agus cailleadh í / Tá an oiread fola ann agus a bheadh i mart = duine nó rud a mbeadh go leór fola ann; duine craosach dearg / Bhainfeá fuil as le dealg spíonáin = [bíonn an dealg spíonáin lag maol, agus ní fhuileódh sé ar thada] = duine a mbíonn go leór fola ann, nó a bhíos in a chorcán le fuil / Nach air atá snuadh a chodach. Bhainfeá fuil as le dealg spíonáin / Tá sé in aon-chorcán amháin agus bhainfeadh dealg spíonáin fuil as. Is cuma san diabhal é, ach rinne an t-aistriú maith dhó. Ní raibh bior-eanga air san mbaile / Bhí sé faoi fhuil ar fad = dearg le fuil; clúduithe le fuil / Bhí fuil air / Tá fuil leis = mar a bheadh sí ag silt anuas len a éadan as gearradh eicínt / Leagadh mé agus baineadh fuil asam = chaill mé fuil /[Bainfidh mise fuil asad, má tá indán agus go dtóigfidh mé mo láimh agad / D'fhuilinneodh fuil fuil ingorta, ach ní fhuilfinneódh fuil fuil dhá dóirteadh (fc. fuilinn) /

Bhuail sé ar an gceann é, agus chuir sé fuil go haer ar an gcéad iarraidh / Bhí sé ag dórtadh fola = ag cur fhola in a srúlaí / Dóirteadh fuil ann = rinneadh bualadh nó maruíodh daoine ann / Tá sé ag cur fhola = tá sé ag tabhairt fhola = bleeding /[Chuir sé fuil ar chuma ar bith / Tháinig mo chuid fola ar fad = chuir mé a raibh d'fhuil ionam = chuir mé go leór fola / Má ba bheag mór an gearradh tháinig fuil ar chaoi ar bith / Leig fuil na circe sin = maruigh í / Bhí muic againn annseo anuiridh, agus bhuail rud eicínt í, agus leig muid a cuid fola = mharuigh muid í; ach ní chialluíonn sé go minic ach cuisle beitheach a leigean le galraí áiride i gcaoi agus go dtiocfaidh scáird dhá gcuid fola. Slánuíonn sin (go minic) iad / Má chloisim smid eile uait leigfidh mé do chuid fola = maróidh mé thú mar a mharóchaí cearc / An rud atá san bhfuil teagann sé amach san bhfeóil (sa gcnáimh) = má bhí an droch-bhraon in do shinsir, brisfidh sé amach ionadsa freisin; déanfaidh an té a bhfuil an "braoinín salach" ann gníomh eicínt a theasbáinfeas nach bhfuil sé féin ag dul in aghaidh dúchais /[An rud atá san bhfuil is deacair é a bhaint as an gcnáimh = má bhí an droch-bhraon in do mhuintir, leigfidh tusa le t'ais freisin é, cé go mb'fhéidir go mbeitheá ag iarraidh a cheilt / Tá an fhuil ar fónamh annsin = tá an fhuil mór ann = tá an braon maith ann = is mianach maith daoine é = tá an fhuil uasal ann / Tá braon den fhuil ar fónamh inte = tá braon den fhuil mhór inte = níl an braon tuatach inte = is plannda den fhíor-fhuil í / Mara bhfuil muid árd i gcuid, tá muid árd i bhfuil = mara bhfuil maoin agus bráigill againn, is dream daoine ar fónamh muid, nó is daoine measúla muid / Cén bheann atá againn orra. Nach bhfuil muid fhéin cho maith leo-san, na sotairí. Mara bhfuil muid árd i gcuid, tá muid árd i bhfuil, tá sin / Ná glac peáirle ar bith uaidh. Tá tú fhéin in do mhac athar agus máthar cho maith leis-sean. 'Ar ndú' mara bhfuil tú árd i gcuid, tá tú árd i bhfuil. Dheamhan ceó a d'iarr tú airsean ariamh ar aon-nós / M'anam agus ná raibh ag an diabhal go dtiúrfaidh mé do chuid fola len ól duit = buailfidh mé dual na druinne ort; bainfidh mé fuil asad / Thug an staicín seo thíos a chuid fola len ól don bhéinneach /[Bíodh smideannaí beaga agad. Is gearr air siúd do chuid fola a thabhairt len ól duit / Is fear gan fuil

é, má leig sé don characháinín sin chuile dhuine dhár bhain leis a mhaslú = duine gan splannc fir; duine meata; duine gan aon-mhisneach / Marach gur fear gan fuil thú, ní thiúrfá cead d'aonduine do dheárthair a bhualadh mar sin / Is fear gan fuil a leigfeadh leis é / An bhfuil fuil ar bith ionad. Breá nach leathnuíonn tú le dorna é = an bhfuil misneach ar bith agad; an bhfuil tú meata ar fad? / Is furasta aithinte nach bhfuil aon-fhuil ionad. Dhá mba liomsa adéarfadh sé é, speirfinn é. Ara beir ar chloich a fhleascaigh, agus cuir báite in a bhaithis í]/ Tá tú gan fuil má thug tú cead do dhuine ar bith an rud sin a dhéanamh leat, agus gan cur ar do shon féin / Seo é annseo, bail ó Dhia air, a bhfuil an fhuil ann. Le an Céideachaí atá sé seo ag dul. Tá taghd na gCéideachaí ann = tá splannc fir ann / Dar fiadh tá fuil annsin. Ní bheidh cinneadh ar bith leis ach a dteaga tuilleadh dhá aois / D'fhága sé dearg (daite) in a chuid fola é = d'fhága sé in a chuid fola é = bhuail sé agus ghearr sé é / Tá sé seo thuas ag déanamh an-bhulaí le goirid. D'fhága sé mac Ph. S. dearg in a chuid fola ag béal an bhóithrín an oíche cheana / Ná leig do chuid fola leis a fhleascaigh = ó thárla gur bhuail seisean thusa, bain thusa díoltas amach thú fhéin / Ní leigfidh mé mo chuid fola le fear ar bith nó go gcinne orm / Níor leig sé a chuid fola le aon-fhear ariamh. Ba chruadh an cás é, nó bheadh a shásamh aige sin / Is dona an fear thú, má leigeann tú do chuid fola leis an ngeospailín sin / Cuirfidh mé fuil do chroí ar do bhois (ar do chac freisin) = maroidh mé thú / Fainic! Leig de do chuid priocadóir-eacht liomsa. Chuirfinnse fuil do chroí ar do bhois ar ionntú an tsoip / Leig dhó siúd. Tá sé achmainneach. Is beag an araoid a chuirfeá air nuair a chuirfeadh sé fuil do chroí ar do bhois / Chuirfeá fuil do chroí amach ag obair do chuid de na "gangers" sin, agus ní abróidís in a dheidh sin, gur maith a rinne tú é, nó gur dona a rinne tú é = mharóchthá thú fhéin / Thiúrfainn fuil mo chroí don fhear sin, dhá dteagadh sé in mo líon go brách. Chuir sé sin cumaoin ormsa cheana … / Má bhíonn an fhuil ar an gcroí, is fhearrde a cur amach / "D'innseódh sí scéal gan feith gan fuil" = leitir / An bhfuil feith ná fuil ionad = an bhfuil spreacadh ar beith ionad? = an éagbhás thú? / Tá mé seacáilte idir fhuil agus fheoil = seacáilte ar fada / Tá mé dóite bruite idir fhuil agus fheoil / Ní thiúrfainn deoir fhola

le náire = bhí an-náire orm / Fuil gheiniúnach a bhíos in uibh = d'fheicfeá amanntaí í in uibh /[Tá fuil gheiniúinte sna huibheachaí sin / Cuirfidh mé an scian i bpoll na fola ionad = i logán an mhuiníl nó na brád / Seo é cluiche na fola = comórtas cártaí agus níos mó na cluiche amháin ann. Sé an cluiche deireadh nó an cluiche buaite cloch na fola; déarfaí le cluichí comórtais báire nó a leithide é freisin: an cluiche deireadh / Sin í cúig an fhuil = cúigín an fhuil = an chúig dheireadh sna clocha péire: an ceann a ghnothuíos an cluiche; an chúig a bheireas an bun i gcártaí / Tabhair aire na fola don chasúr sin, nó go dtuga tú ar ais aríst é = aire an leinbh = an-aire / Rinne a chroí uan fhola i lár a chléibhe = bhris a chroí; fuair sé bás le buaireadh; nó le galra a mbeadh urlacan fola leis / Tháinig urlacan fola air = haemmorhage / Cuir artha an Choisceadh fola dhó = artha a chuirtear le rith fola a stopadh; nó urlacan fola / Cuir sé bradán fola amach = urlacan a theacht air; fuil a chur amach [i scéalta go háirid] Tá fuil tsróine (tsróna freisin) air = tá fuil sróine air = fuil ón tsróin / Chaith sé an lá ag cur fuil tsróna (nó ag tabhairt fuil sróine) / Tá fuil íne(?) air = sórt nimh a dhul san bhfuil; thiocfadh sé ó dhroch-ghearradh nach bhfuigheadh aire; teagann dath gorm ar an bhfuil / Tá mo láimh ag déanamh fuilíne /[Fuilíne atá déanta ag cois S. Is furasta aithinte uirre é. Tá an t-ábhar ar fad cruinnithe san lorga]/ Tá an fhéith fola ar a gcaora mhór sin thuas ag M. Mh. N. = cineál ceathrú ghorm é; san gcois a bhuaileas sé iad. Cailleann sé caoirigh a bhíos ro-bheathuithe; leigtear a gcuisle istigh san mbléin / Tá fuil bhrúite déanta ag mo chois = dhá dtuiteadh cloch san troigh ort agus do bhróga ort, ní dóigh go bhfuileódh sí chor ar bith ort, ach d'fháiscfeadh sí agus chriongfadh sí an fheóil. Dhéanfadh an lot annsin fuil bhrúite /[Níl a fhios cén fhuil bhrúite a tháinig as mo sháil le dhá lá. Cloch den chlaidhe a thuit uirre. Tá mé dhá saothrú 'chuile oíche / Fuil bhrúite atá ag teacht aisti agus í dubh-ghorm]/ Ba cheart an fhuil Mhártan a chur ar bhaithis chuile duine san teach = maruíthear éanlaith, caoirigh nó mairt, faoi Fhéil Mártan (taca an 11adh. Samhain). Sin í an fhuil Mhártan /[Is ceart an fhuil Mhártan a dhóirteadh. Glacfaidh Mártan roimhe í, ach ní ghlacfaidh sé in a dhiaidh í =

beitheach nó éan eicínt a mharú in ómós an Naomh Mártan. Ní mór dó a bheith maruithe roimh Lá Fhéile Mártan / Ar chuala tú faoin mbean fadó nach raibh aon-fhuil Mhártan aice le dóirteadh? … = ní raibh éan ná beitheach aice le marú]/ D'fhuiligh an gliomach ar mo mhéir. Ní raibh aon-bhannaí ann = ghearr sé í; bhain sé fuil aisti / Siad na sceann-adóirí iad na portáin sin. Fainic an bhfuileoidís ort. D'fhuileódh go héascaidh / Dhá mbeireadh madadh ort fadó, nó dhá bhfuilíodh sé chor ar bith ort, bhainfí ribe as an madadh agus leagfaí leis an ngearradh é. Deiridís go gcneasuíodh sé é /[Fan uaidh sin. Is fánach an chaoi a bhfuileódh sé ort / Má fhuilíonn fóthach ort, deir siad gurb éard atá agad a dhéanamh ar an bpuinnte, an dochar a dhiúl as, ach gan a leigean in do bholg / Is tinn an rud é sin má fhuilíonn sé ort. Dheamhan rud níos tinne / Beannacht Dé dhuit fhéin agus do do dhúbhán carraige. Ní fhuileódh sé amháin air siúd (líomhán) / Níl aon-uair dhá dteighim ag gearradh tobac leis an scian sin nach bhfuilím orm fhéin. Tá faobhar rásúir uirre / D'fhuiligh dris orm annsin thuas san ngarraí. Tháinig an-scáird fhola asam / Is furasta fuiliú ar phutógaí falamh = is furasta fear ocrais a bhualadh, a leagan etc. /[Bí buíoch nar ith mise aon-ghreim ó mhaidin inniu. Marach sin, is fada amach uaimse a d'fhanfá. Ach is furasta fuiliú ar phutógaí falamh / Bhuailfeadh an madadh se'againne madadh J. gan stró ar bith, thréis go bhfuil madadh J. a dhá mhéid. Ach is furasta fuiliú ar phutógaí falamh. Dheamhan greim a fhaghas sé siúd, ach an méid a bhaineas sé as a chrága]/ Is beag an rud a fhuilíos ar cheann carrach = is furasta fuiliú ar cheann carrach = is furasta fuil a bhaint as cúl carrach = is beag atá indon cur chuig duine atá go dona, nó buailte suas cheana; is furasta nocht a dhéanamh de bhocht / Bhí mé an-bhuailte suas le coicís. Choinnigh mé an leabaidh. Shílfeá nach raibh tsiocair ar bith agam mara fuacht a fuair mé oíche na tórradh. Ach deir siad gur furasta fuiliú ar cheann carrach / Tá sé le cur as seilbh. Níor íoc sé aon-chíos, ó a baineadh an "dole" dhe. Shílfeá nach gcuirfeadh an "dole" céanna síos ná suas é, ach is furasta fuiliú ar cheann carrach / Tá an madadh sin fuiliúil. Ó mhadadh a bhí thiar ag an duine uasal sin thiar san Teach Mór é = tá an fhuil ar fónamh ann / Shílfeá gur mianach capall fuiliúil í. Sin é a cheapfainn ar chaoi ar bith / Bhí na Flaitheartaigh fuiliúil 'ar ndú' /

Fraothail: Fríothail (: fr leathan: Cois Fharraige; ach san áit a gcaoluítear f. leathan — Camas, Rosmuc, Bun na gCnoc agus rl — fríothail adeirtear, fearacht fíobhar (: faobhar), feólaim (: fólaim) agus rl. Fraothálaí, fríothalaí ar an gcóir chéanna.) = Ainm Bhriathar, Briathar = na freagraí Laidne a thabhairt don tsagart ar an altóir le linn an Aifrinn, agus freastal air [ní abruíthear leis sin ach fraothail, agus ní abruíthear le rud ar bith eile é]
Fraothálaí, Fríothalaí: an buachaill a thugas na freagraí Laidne ar an sagart le linn an Aifrinn, nó Beannacht na Sacraiméide, nó a leithidí; an cléireach

Cé a bhí ag fraothail inniu? = cé a bhí ag fríothail an Aifrinn inniu? /[An bhfuil tú indon an t-Aifreann a fhríothail? / Ar múineadh fraothail an Aifrinn ariamh duit? / D'fhólaim sé fraothail an Aifrinn ag an scoil, ach níor fhraothail mé aon-Aifreann ariamh in a dheidh sin / Nach bhfriothálfaidh tusa (an t-Aifreann) dhó]/ Fraothálann sé an t-Aifreann chuile Dhomhnach / Déarfadh sé an t-Aifreann ní ba thúisce, ach ní raibh aon-fhraothálaí aige. Bíonn neart cléireachaí ann scaití, agus scaití eile ní féidir duine ar bith a fháil [deirtear cléireach agus fraothálaí, ach cléireach is mó adeirtear]

Fairsing: Aidiacht: mór, leathan, áirgiúil, límistéar a bheith faoi, cairithe amach, gnaoidhiúil, fial, cóir, cóiriúil, teann, beó, líonmhar, iolraidh, iomadúil, neamh-ghann
Fairsinge, Fairsingeacht: méid, áirge; límistéar, féile, eineach, iomad, greadadh.
Fairsingiú: Briathar = ag cur méid nó límistéar le … ; ag cairiú; ag iomadú.
[Fuaim: fairsing etc. rs caol Chois Fharraige mar atá i "Seóirse", "céirseach" etc nó farsuinn etc. go minic agus gan "rs" leathan. nn caol i gcomhnaí ag an deireadh. Fairsinge, fairsingeacht = farsne, farsneacht (fars ' N ' ə xd), forsne, forsneacht (fors ' N ' ə xd) go rí-mhinic. Farsne, forsne (fors ' N ə) san mbreis-chéim den Aidiacht go minic, agus fairsniú, foirsniú san mBriathar]

Tá airgead cho fairsing le spréidhmhóin aige = an-fhairsing go deó, dubh-fhairsing etc. /[Tá carrannaí cho fairsing le spréidhmhóin (le druideachaí, le clocha beaga, leis an droch-aimsir etc.) annseo anois / Tá tobac fairsing arist th'éis cho gann agus a bhí sé tamall / Tá móin fairsing annseo thar mar atá sí soir annsin / Tá teach fairsing aige / Seomra fairsing é an

é an seomra seo / Ní baile é atá an-fhairsing faoi thalamh = níl mórán talúna ann (talamh cuir, nó talamh ar fónamh)]/ Tá sé sin fairsing faoi thalamh = neart talúna aige / Is fairsinge an cladach se'againne ná cladach na C. D., agus is mó an fheamainn a bhíos ar an gC. Dh. in a dheidh sin / Tá an garraí sin brea fairsing = mor, limistéar mór faoi / Tá an áit sin fada fairsing aca anois len a ndóthain len ithe a fháil ann = an-fhairsing / Shílfeá go raibh an tír fada fairsing aige le bean a fháil, seachas a dhul ag posadh a cholcúigear / Is fada fairsing atá an baile agaibh agus gan a dhul ag spraoi istigh san iothlainn. / Tá teach fada fairsing aige annsiúd / Fág fairsing thairis sin é / Tá tae ag eirí fairsing aríst = ag dul chun fairsinge(acht) aríst]/ Tá an scoil sin bun-fhairsing go maith / Tá an cró sin sách fairsing do thrí cinn de bheithigh / Tá na bróga seo ro-fhairsing dom, agus shíl mé gur ro-chumhang a bheidís / Bróig bhreágh fhairsing luchtúil í / Tá an treabhsar sin míle ró-fhairsing duit /[Tá an cóta mór sin ro-fhairsing ag a bhásta / Is gearr go mbeidh an chearc ag breith, tá sí cho fairsing sin = fairsing nó cairithe, nó méaduithe san bhfiodán / Shílfeá go bhfuil sí (cearc) cho fairsing agus go mba cheart di tosaí ag breith feasta / Bó mhór fhairsing í = leithead nó cairiú mór uirre in a bolg nó in a bruinn (deirtear le mná freisin é) / Tá coiníní fairsing aríst / Tá croí mór fairsing aige = é fial flaithiúil / Níl croí cho fairsing aice agus a bhí ag a máthair "D'eirigh Peaits Sheáin Mhóir, fear an chroí mhóir fhairsing Tugaighí rud don chráin agus codlóidh sí go maidin" [As amhrán] / An bhfuil siad seo soir fairsing faoi na "feaigs" anois = an dtugann siad uatha mórán aca /[Go deimhin bhí sé fairsing ariamh faoin mbiadh / Tá sé ag leigean airgid amach go fairsing / Roinn sé an fuisce go fial fairsing / Tá bainne go fairsing ann ar chaoi ar bith / Chaithfeadh sé a mbeadh aige go fial fairsing]/ Tháinig an ghaoth fairsing orainn ar an mbealach isteach (leagan fairrge) = d'arduigh an ghaoth in a cóir dúinn / Bhí sé in lagar orainn go Carraig an Mhatail, ach d'eirigh "braos" gaoithe aniar annsin, agus thosuigh sé ag teacht fairsing orainn = bhí cóir againn agus lán an tseoil de ghaoith / Shílfeá go bhfuil sé ag tiacht buille fairsing = cóir ag eirí / Tá sé ag teacht cho fairsing anois agus nach mór a dhul ar chúrsaí / Tá sé buille fairsing anois má

mhaireann dó. Ach shílfeá gur mó an bhrath atá aice (an ghaoth) a dhul indiaidh a tónach ó thuaidh aríst. Má theigheann ní dhéanfaidh muid caladh go deó ar an taoille seo / Ní fairsinge an t-aer ná an tímpiste = tárlaíonn timpistí an-mhinic; thárlódh tímpistí in áit ar bith; accidents will happen / Is fhearr an fhairsinge ná ar fónamh = is fearr fairsinge(acht) ná (ar) fónamh (fc. fónamh) / Go mbuannuighe Dia fairsingeacht bídh agaibh! = buíochas as ucht bídh i dteach strainséara = go méaduighe Dia chuile sórt ar fheabhas agaibh / Tá mo dhóth--ain ite anois agam, go mbuannuighe Dia fairsinge bídh agaibhse, agus gur fearr a bhéas sib bliain ó inniu / M'anam gur theastuigh an béilí sin uaimse, go mbuannuighe Dia fairsingeacht bídh agaibhse! / Tá an teach siúd dhá fhairsinge an tí seo = faoi dhó cho fairsing leis seo /[Níl goir ar bith aige ar mo chró-sa le fairsingeacht / Tá fairsinge mhór faoi teach an bháid = limistéar / Tá fairsingeacht mhór faoi chrainnte aige annsiúd / Dar fiadh tá fairsinge san bpáirc sin]/ Beidh fairsinge agad annseo le do chuid oibre a dhéanamh thar agus a bheith plúchta istigh san bpruchóigín sin = "elbow-room" / Tá fairsinge ag duine eile san leabaidh sin thuas = áit /[Bheadh fairsinge an scioból eile annsin = áit; láthair / Tá muid gan fairsinge talúna ar bith = níl mórán talúna againn / B'fhearr daoibh fairsinge a dhéanamh dhom ar an stól sin = áit; binn / An bhféadfadh sibh fairsinge a dhéanamh don chléibín seo san gcúinne sin?]/ Tá sé ag cur fairsinge ar an teach. Leigfidh sé seomra eile soir as / Is gearr nach mór fairsingeacht a leigean (a chur ar) leis an roillig siúd / Fág fairsinge anois i mbéal an chléibhín / Tabhair do dhóthain fair singe dhuit féin ionta (: i mbróga nuadh) ar chaoi ar bith. Is fhearr ro-fhairsing ná ro-chumhang iad / Fágaighí fairsinge ar an mbóithrín thairis sin. 'Ar ndú' ní ghabhfaidh dhá charr thar a chéile san leithead sin / Tá mo sheaicéad ag dul chun fairsingeacht = ag méadú / An ndeacha fairsinge ar an iothlainn sin ó a bhí mé annseo cheana? … Sin é a cheap mé /[Is beag an fhairsinge eile a ghabhfadh ar an doras nuair a bheadh sé sách mór / Fág mar sin é. Is fhearr é a bheith d'fhairsinge air, ar aon-chor / Cuireadh sé troighthe d'fhairsinge ar an mbóthar / Níl d'fhair-singe ann ach go gcasfá ann ar éigin / Tá fairsinge mhór ar an tsráid agaibh, ó chaith sibh an sean-bhalla sin as / Tá an fhairsingeacht san gcroí aice, agus is dual di sin = féile, eineach]/ Chuala mé gur

gearr go ngabhfadh an tae chun fairsinge (i bhfairsinge) aríst. Is mór is fiú an fhairsingeacht ar aon-chor / Tá fairsingeacht trí gharraí annsin thuas aca (beithigh) agus ní beo iad in a dheidh sin go dteighe siad i mbradaíl = the extent of … /[Tá fairsingeacht an tí seo faoi = tá sé cho mór leis an teach seo / Tá fairsingeacht sléibhe (cimín, cladaigh etc.) aca = tá go leor sléibhe etc. aca / Tá fairsingeacht an tsaoil mhóir de thalamh muirbhí in Árainn / Tá fairsingeacht an bhaile seo ar fad in aon-pháirc amháin dhá bhfuil ann]/ Tá fairsinge ime anois againn ó a tháinig an samhradh = neart ime; i bhfad níos mó ná a bhí roimhe sin / B'fhéidir le cúnamh Dé gur gearr go bhfairsingeódh earradh, ó tá an cogadh thart / Tá siad ag fairsingiú an bhóthair (: an tí, na claise, an phortaigh, an phoill etc. / Tá an poll atá in m'fhiacail ag fairsingiú / Thug mé an t-éadach ar ais aríst ag an táilliúr gur fhairsingigh sé dhom é /[Ná bí ag méirínteacht leis an bpoll sin. Sén chaoi a bhfuil tú dhá fhairsingiú / Ní bheidh tarraint an uisce choichín san tóchar siúd nó go bhfairsingíthear é. Tá sé ro-chumhang mar atá sé, agus calcann chuile rud é / Dhá mbeadh an bhróig sin seachtain ar do chois d'fhairsingeódh sí / Tá mé ag ceapadh go bhfuil cuain san madadh sin. Tá sí ag fairsingiú]/ Dhá bhfaghadh sé uachtaí na hairí, ní fhairsingeódh a chroí = ní ghabhfadh sé chun rabairne, nó chun buige shíne / Tá "tyreannaí bicycles" ag fairsingiú aríst. Is mór an gar é / Tá na tithe ceann slinne ag fairsniú. Is gearr go mbeidh siad fairsing -ithe go maith ar an mbaile seo / Is furasta len a luchain sin fairsingiú (: bisiú) mara dteighe duine rómpa in am. An trapa an buachaill aca sin /

Fiach: Ainm-Bhriathar; Ainmfhocal; Fireann. Is annamh a theagas claochló tuisil air, ach deirtear "lucht fiadhaigh (fuaim fia: fʼīə) = seilg; a dhul ar thí ainmhíthe áiride nó éanlaí le na marú nó breith orra; conách sealga; obair sheilge; an líon daoine agus mádraí agus eachra a bheadh amuigh ag seilg. (fc. fiadh — tuilleadh — lc. 3 Fiach)

Gabhfamuid ag fiach /[Cáid ó bhí tú ag fiach? / An bhfuil cú ar bith agad anois le dhul ag fiach / Ní madadh é sin le dhul ag fiach leis = ní madadh maith fiach (fiaigh) é sin / Bhí mé ag fiach ar an sliabh inné / Ní dhearna mé aon-fhiach fós i mbliana]/ Tá mé ó fhiach imbliana tá faitíos orm agus an

agus an chaoi a bhfuil mo chois ag coinneál an óthrais / Má scarann tú leis an gcú sin beidh tú ó fhiach = ní bheidh aon-ghnatha agad a dhul ag fiach / Is doiligh (deacair) an fiach a chur as an tom nach mbíonn sé = is deacair olann a bhaint dé ghabhair = it is hard to knock blood out of a turnip /[Tá tú ag strícadh liomsa ag iarraidh airgid orm ó mhaidin. Nachar dhúirt mé leat míle uair nach raibh sciúrtóg agam. Is doiligh an fiach a chur as an tom nach mbíonn sé / Cén chaoi a seasfainnse deoch agus gan a luach agam. Is doiligh an fiach a chur as an tom nach mbíonn sé / Diabhal buille maitheasa a dhéanfas sé siúd imbliana ná a bhfuil sé indon aon-bhuille a dhéanamh. Is doiligh an fiach a chur as an tom nach mbíonn sé / Tá sé suas annsin ag fiach choiníní]/ Chaith mé an lá inné ag fiach ghirriachaí [Ach tá sé neamh-aistríoch freisin .i. ag fiach ar choiníní etc. / "D'eirigh Tadhg aréir agus chuaigh sé ag fiach ar ghirriachaí D'eirigh Máire Ní Éithir agus lean sí é sna bonnaíochaí" [focla le fonn "Thaidhg an Ghrádh"] / Tá an madadh amuigh annseo ag fiach chuit (ag fiach ar chuit) / Nuair a fháitear an chú ní fháitear an fiach = nuair a bhíos roint deise ag duine le rud a dhéanamh cuirtear as a bhuille é; dhá mbeadh an saol mór ag duine bíonn rud eicínt uireasach air i gcomhnaí /[Cheannuigh sé an mótar sin le dhul ag saothrú leis, ach diabhal saothrú atá sé a fháil. Nuair a fháitear an chú 'ar ndú' ní fháitear an fiach / Rinne sé teach nua d'aon-uaim amháin l'aghaidh lóistéaraí agus fámairí a choinneál, ach nuair a fháitear an chú ní fháitear an fiach. Dheamhan fámaire ná "gaeilgeóir" ag taithiú sna bólaí seo anois. / Ní raibh ann ach go mbeadh suaimneas aige san teach feadh agus an dearthair a bheith díbrithe aige. Tá sé díbrithe anois, ach ní raibh an teach in a bhrachán ariamh mar a bhí sé le seachtain: é fhéin agus an mháthair in adhar an chochaill. 'Ar ndú nuair a fháitear an chú ní fháitear an fiach, adeir siad / Tá sé amuigh in a mháistir scoile le trí bliana, ach ní bhfuair sé aon-scoil fós. Nuair a fháitear an chú ní fháitear an fiach]/ Níor dhúisigh muid fiach ar bith inniu (: girria, coinín agus rl.) / Tá toimín aitinn ar lom an chnocáin atá i lár an gharraí, agus níl aon-lá ariamh nar chuir mé fiach aisti / D'imigh an fiach uainn ar fad inniu = d'imigh ar dhúisigh muid de ghirriachaí etc. uainn / Sin é anois

a bhfuil d'fhiach againn de bharr an lae = de chonách fhiadhaigh /[Is maith an fiach a rinne tú inniu. D'eirigh dhá pháin mhaith leat. / Fiach sléibhe a dhéanfas mé inniu sílim = a dhul faoin sliabh ag fiach]/ Tá an fiach dúisithe = tá an garraí críochnuithe = níl fágha san ngarraí ach "cúinne an ghirria" [deirtear seo i gcomhnaí nuair a bhíos garraí curtha ar fad nó a leithide. Níor chuala mé aon-údar leis] / Ar dhíbir tú an fiach as? … Tá an cúilín thiar gan cur fós! Dar príocaí, ní bheidh sib amuigh as i mbliana /[Tá an fiach dúisithe agam i ngarraí Sh. Uí E. faoi dheire thiar thall, agus tá sé in am sin aige. Shíl mé nach mbeinn amuigh as inniu. Dhá mbeadh an garraí Láir siúd thuas curha agam anois, bheinn díreach leo (sin é a gcuirfinn d'fhataí)]/ Tá an fiach ruaighe agam. Dheamh -an spealadóir a leigeadh in aon-mhóinéar ariamh a sháródh mé / [Dúiseóidh sib an fiach san ngarraí sin inniu? Is ait na buannaithe sib. Sibse atá a leigean chuig an gcoirce. Bíonn coinnleach in ur ndiaidh trathnóna baile ó Dhia oraibh / Ní dhúiseoidh mé an fiach inniu … Beidh lá eile orm]/ Tá an fiach dúisithe agamsa, ach ní feasach mé cá gcuirfidh mé é, mar gcuire mé soir go dtí M. Mh. Bh. san tSraith (: ainm garraí) é = ní raibh baol ar Mh. Mh. Bh. a bheith críochnuithe san tSraith / Bhí muid ag fiach agus ag fionscaradh ar feadh an lae = ag fiach [cuirtear "fionscaradh" ar chuingir leis go minic. Leagan an-choitianta sna scéalta é] / Chaith an cúpla seo an lá ag fiach agus ag fionscaradh, agus ba bheag a d'eirigh leó, ach go dtáinig siad abhaile agus a ngoile in a nglaic aca trath-nóna / Shílfeá go n-eireóchthá amach ag fiach agus ag fionscaradh dhuit fhéin, agus gan thú a bheith in do spriosan istigh annsin / Tá mo chuid fiach agus fionnscaradh-sa ar iarraidh anois. Sí an teine a chothos mé feastain / Ní dhearna mé fiach ná fionscaradh ariamh thar rud ar bith / "Céard a bhí t'athair a dhéanamh inné?" — "Ag fiach san ngarraí" — "Céard a bhí sé a fhiach?" — "chuile rud dhá raibh sé a mharú, d'fhágadh sé in a dhiaidh é" [ag marú miol in a chloigeann a bhí sé] / Ní bhuailfeá amach ar an bhfiach inniu? = ag fiach, nó a dhul in éindigh le dream a bheadh ag fiach / Tá sé imithe ar an bhfiach / Ba cheart duit a dhul ar an bhfiach: "do ghunna ar do bhois, do ghadhar le do chois, agus do chapall breá donn do t'iompar" / Bhain na madraí fiach as an gcut = bhí

ag rith in a dhiaidh / Má theagann sé annseo muis bainfear fiach as (gheobhaidh sé fiach) = díbreóchar é / Dhá gcastaí muide air, gheobhadh sé fiach soir an bealach céanna a dtáinig sé. Mara postúil é a theacht anoir annseo! /[Tháinig an sean-asal sin ag M. aníos ar ball, ach fuair sé fiach síos aríst uaimse agus ó na mádraí / Thug an chú fiach don ghirria ach d'imigh sé uaithe. Sa gcor a chailleas sí é = bhí sí dhá chreinneadh agus é idteannta aice scaití / Má thaobhaíonn sé sib aríst imbliana, tugaighí fiach abhaile dhó. Níl gnatha ar bith againne a bheith dhá buachailleacht annseo ar an teallach ar feadh an áirneáin]/ Má fheicim an fear céanna istigh ar shlata an bhaile le mo ló aríst gheobhaidh sé fiach / Tá sionnach annseo thiar sna breaclachaí, agus tá muid ag brath air a dhul dhá fhiach amáireach in aice chúnamh Dé / An bhfuil aon-rath air dhá fhiach (: ag fiach an tsionnaigh) / An bhfuil tú indon "Fiach an Mhaid -rín Ruadh" ("Fiach an tSionnaigh") a chasadh dhom? = port /[Caithfidh mé a dhul isteach abhaile anois. Tá cluanaí istigh ar mo theallach agus tá sé le fiach agam fós. Mara ndéanaidh is liom go maidin é]/

Fiagaí = Ainmfhocal, Fireann = sealgaire; fear fiadhaigh; fátallach; soláthraí. [Is minic go mbíonn an chiall buille droch-mheasúil: fear a bheadh ag marú míol, nó ag cipiléaracht ag tóraíocht luchan le marú nuair ba chóir dó a bheith ag bualadh a chuid arúir agus rl] Fiagaíocht: Ainm Bhriathar; Ainmfhocal, Buineann = ag fiach, ag seilg; ag fáiteall, ag soláthar; ag cipiléaracht le obair fhánaigh.

Is ait na fiagaithe sib agus dhá choinín a mharú /[An-fhiagaí anois é. Bíonn sé amuigh len a chú chuile Dhomhnach dhá n-eiríonn ar a shúil / An-fhiagaí thú a Cháit! Mharuigh tú an luchín! / Is diabhlaí an fiagaí é an madadh sin! Ag forcamhás ar mhíoltógaí a bhíos sé i gcomhnaí. Deis ar bith dhá bhfaighidh sé ar cheann aca sluigfidh sé í]/ Is fiagaí míol é, ach ní míolta buidhe (muighe) iad! = ní indiaidh girriachaí a bhíos sé ach ag piocadh troigheadáin dhá chraiceann / Níl aon-fhiagaí faoin domhain a chinnfeadh air indiaidh luchain bheaga, ach do dhúshlán cuir faoi ndeara dhó mórán

a dhéanamh timpeall ar an gcoirce = nuair a bhíos na cruacha dhá leagan le bualadh, tá sé go maith ag marú na luchan a bhíos ionta, ach ní chuirfidh sé aon-anró air fhéin, leis an gcoirce / Má bhíonn tae le fáil in áit ar bith san tír mise i mbannaí nach mbeidh sé ann ingan fhios di sin. Togha fiagaí í (: soláthraí; fáiteallach) / Tá sé thar cíonn ag fiagaíocht sna locháin, indiaidh iascáin agus portáin, ach ní morán foghail a dhéanfas sé ar an bhfeamainn = ní ag baint na feamainne a bhíos sé, mar ba chóir dó a bheith, ach ag tógáil iascáin agus portáin /[Níonn an cut sin fiagaíocht mhór. Tá éan eile fastuithe inniu aige / Ní dhéanann sí luach na leithphínne de mhaith ach istigh chois na teine ag fiagaíocht in a cloigeann! = ag tóraíocht míol / Cá bhfuair tú an chearc fhraoigh? Is ait thú ag fiagaíocht. Diabhal bréag muise nach hait]/

Fiadh: Ainmfhocal, Fireann. Geiniúnach Uathaidh: An fhéidh i gcuid de na logainmneacha .i. Doire an Fhéidh (: ən ʼ ɛ̃), ach "an Fhiadha", "an Fhia" san gcuid is mó .i. Gleann an Fhia, Loch an Fhia, Lochín Ghleann an Fhia, Cloch an Fhia etc. "An fhia" an geiniúnach ar an ainm coitianta. Uimhir Iolraidh: Fianna(í).
Fiadh = beitheach fiáin nó éigéill [fc. fiadh. Tuille lc. 3 fiach]

Dar fia! = dar fia na coille! = dar fia muise (inDomhnach) = dar fiagaí (fiagachaí, fiagaos,) = dar fiagaí fhéin! = leagain le caint a dhearbhú / Dar fia na coille, bhí sé in am agad a bheith ar fáil / Dar fia fhéin muis, má sin é do scéal ní slachtar é / Dar fiagaí tá sé in am a dhul a chodladh / Ní fhaca mé aon-fhia ariamh / Tá sí cho sciobha le fia / An fiadh fhéin ní bhéarfadh uirre le siúl / Tá an capall seo ag J. in a fia le éascaíocht / Ní i gcomhnaí a mharaíos
Páidín fiadh, (agus ní i gcomhnaí a bhíos sé in a dhiaidh) = ní gach aon-lá (a mharaíos Páidín) a bhfaightear an t-iasc = bíonn uireannta ann a mbíonn an t-ádh ar dhuine thar a chéile, nó a gcaitheann sé dúracht le rud agus rl. / Tá sé cho mór le cloch an Fhiadha = Cloch an-mhór atá i mbaile fearainn Bhothchuana, an Spidéal /

Tharraingeódh an capall siúd aige Cloch an Fhiadha bail ó Dhia uirre = tá sí láidir / Ar ith tú fiadhfheoil ariamh? … Deir siad go bhfuil sí an-bhlasta / Tá gadhar fia aige = gadhar a bhíos indiaidh sionnaigh; beagle /[Bhíodh na gadhair fhia ag dul thart annseo fadó, agus marcaigh ar chapaill, ach níor thaobhuigh siad an áit anois le fad an lá]/ Sin sceamhachaí fia. Ní is chuile áit a bhfásann siad sin = cineál billeoige; í glas; déanamh scine uirre; ciúis mhantach; hart's tongue fern; d'fheicfeá an-tréan in Árainn sna huláin í i gcuideacht na dubhchosaí /[Níl mórán maitheasa sna sceamhachaí fia sin duit. Ar shíl tú gurb shin í an dubhchosach. Go dtuga Dia unsa céille dhuit! / Ní fheicim toirt fia ná fionnóige ag teacht = tada; a dhath; an rud a bhfuil mé ag súil leis / Bhí mé in mo sheasamh annsin amuigh le uair an chloig agus níor chuala mé toirt fia ná fionnóige. Dheamhan carr ag corraí anoir ó Ard Dh. L. = níor chuala mé tada [ní bheadh duine ag súil leis an leagan seo le "chuala", ach tá sé ann] / Níl toirt fia ná fionnóige le feiceál in aon-áit. [Is aisteach sin. Tá sé in am aca a bheith ar an talamh feasta, mara rud ar bith a choinnigh moill orra / Chonnaic mé an sonnda i mbéal na cruaiche agus mé ag dul suas an cnocán. Comhraíocht duine a bhí ann. Ach níorbh fhéidir é a aithneachtáil san mbán-shoillse. Nuair a chuaigh mé cho fada leis an gcruaich, ní fhaca mé toirt fia ná fionnóige in aon-áit, ach bhí brúisc leagha go talamh. Leig an rógaire leis fhéin / Ní chloisim toirt fia ná fionnóige suas an baile seo. Ní féidir gur in a gcodla a bheidís cho hóg seo san oíche.]/ Luighe Fia = (i) eascainí. (ii) codladh nó luighe corrach. Bíonn sé ar na cearca. Má chuireann tú cearc den neid thar éis breith, agus cearc eile a chur in a háit, beidh luighe fia uirre aríst ar feadh an lae. [Ní thiúrfaidh sí aon-suaimhneas duit, ach ag luighe agus ag úmachan agus ag imeacht beo-phianta. Caithfidh cearc fanacht achar ar neid thar éis ubh a bhreith. Bíonn sé ar chearca freisin a sheadaíos an nead, ag luighe agus ag eirghe di, agus gan iad ag breith; codladh corrach cearc.] (iii) bualadh nó gleáradh buailte nó leagan a thabhairt do dhuine / Luighe fia ort, le caoi a bheith ort! = deirtear le na cearca é nuair nach mbíonn siad ag breith, nó le duine mar eascainí / Luighe fia ort! Breá nach leigeann tú dhom! / Tá tú ag imeacht ag fálróid

a bhithiúna(igh) (: cearc). Nach diabhlaí an chaoi atá ort nach ndéanfá comhnaí in aon-áit. Luighe fia ort! / Luighe fia ar do chuid cearc! = cuid de dheilín na mbacach /[Cén chiall duit an cheaircín roilleach sin a chuir den nead. Tá luighe fia uirre anois. Ní maith a ghabhfas sé sin di / Níl aon-eireóig ag gabhail liom nach bhfuil luighe fia orra: ag imeacht ag luighe i neadrachaí agus gan iad ag breith ubh ar bith / Tá an choc-chearc bhuí sin ag seideachan aríst. Luighe fia atá uirre go siúráilte. Nach mór an smál a bhíos orra! / Ba cheart duit cearc mar sin a fhágáil píosa maith ar an uibh: a dóthain ionú a thabhairt di th'éis breith. Mara dtuga sáróidh sí thú le luighe fia. Bhí sé ar na cearca seo ar fad anuiridh. / Tá siad ag imeacht le coicís agus luighe fia orra; ag luighe agus ag eirí ar neadrachaí, agus gan fonn ar bith orra breith]/ Bhí luighe fia ormsa aréir. Níor thug mé dhá thionuar liom ceart = codladh imníoch nó corrach / Cén sórt luighe fia atá ort. Codáil a chloiginn! Tá sé sách dona agad a bheith ar neamh-chodladh thú fhéin, agus gan a beith do mo choinneál-sa gan aon-néal / Chuirfinnse luighe fia air le iarraidh = a bhualadh; a chuir ó mhaith / An bhfuil a fhios agad cén chaoi a bhfuil sé anois, mara n-eirighe tú as cuirfidh mé luighe fia ort. Ní bheidh sé tada níos lú agad /[Séard a bhí le déanamh leis an asal sin luighe fia a chur air in éindigh. Tá na daoine thar bharr a gcéille aige. Is maith an dicheall duinn a choinneál cuibhrithe, dá mbeadh gan tada eile a bheith ar ar n-aire. Cuir san gcró é, agus fáisc air nó go dtuite sé as a sheasamh leis an ocras / Ara, bíodh splannc eicínt chéille agad! Tá maith do mhac Ph. S. a bheith ag ceartas leis siúd! Chuirfeadh sé siúd luighe fia air, ar ionntú an tsoip. Sé atá deas air, mo léan! / Séard a bhí le déanamh ag an máistir le leath na scoláirí sin luighe fia a chur orra ach a bhfaghadh sé ag an scoil iad. D'imigh an diabhal orra thar a bhfaca mise ariamh! Tá chuile rud millte aca / Ba ghearr gasta a bhí J. E. ag cur luighe fia air. Ní raibh ann ach an buille. Thug sé a chuid dhó. Go leige Dia a shláinte dhó! Is fada sin ag teastáil uaidh /

Fiach: Ainmfhocal: Fireann. Geiniúnach Uathaidh: an fhéich (ən ʼ ɛ̄); ach ní bhíonn claochlódh tuisil air ach le sean-leagain atá seasta san gcaint.
Uimhir Iolraidh: fiacha; ach fiadha dhubha (fia dhubha) freisin.
Fiach: éan; an fiach dhubh = an preachán dubh; Domhnall Dubh; raven; carrion crow; fiach farraige (mara): cormorant.

Tá gruaig air ar dhath an fhéich (fhéigh) = tá sé cho dubh leis an bhfiach (dubh) /
= tá sé cho dubh le clúmhach an fhéich /
Ní fhaca mé aonduine ariamh is duibhe gruaig ná é. Tá sé cho dubh leis
an bhfiach bail ó Dhia air! / Caith an láimhín fhéin indiaidh an fhéigh
(féidh: fiadh?) = [ní feasach mé céard a chiallaíos sé go barainneach.
Ag fear as Dubhachta inDúiche Sheoigeach a chuala mé blianta ó shoin
é, ach ní raibh aon-údar aige faoi. Níor chuala mé ach mar sin é] /
"Iasc agus uisce in do bhéal agus gan tada dhár gcuid sinne in do bhéal" =
"le gaoith agus le doininn uainn fhéin, ón ar gcuid agus ón ar ndaoine thú" =
Sin é adeirtear leis an bhfiach dubh, nuair a fheictear ag lonnadóir
-eacht nó ag scréachaíl timpeall áite é / Sin fiach farraige /
Tá tú ar an leabhar ag an bhfiach dubh = tá do sheal tugha; do
choinneal caite; tá tú in áirid do bháis; is gearr an bás uait /[Is
fear é Seán atá ar an leabhar ag an bhfiach dubh. Go deimhin is furasta
aithinte air é. Tá dath an bháis air. Níor ól sé aon-deóir bhainne sláinte
ón lá údaí a bhfuair sé an fliuchán mór ar an bportach / Mara
bhfuil mearúl mór ormsa — agus b'fhéidir le Dia go bhfuil — sin bean atá
ar an leabhar ag an bhfiach dubh. Nach bhfeiceann tú scabharha ar fad
í! / Deir siad liom go bhfuil W. ar an leabhar ag an bhfiach dubh. Má tá
fhéin, is beag a chaoinfeas é. Ba dona é / Ón lá a ndearna sí seo thuas an
eascainí air, tá sé ar an leabhar ag an bhfiach dubh. Diúltaigeamuid
di sin. Tá droch-eascainí aice / Chuir an buille sin a fuair sé ón gcapall
ar an leabhar ag an bhfiach dubh é. Tá sé ag dul ar gcúl ón lá sin. Déar
fainn, ach grásta Dé gur beag eile de shaol atá aige. Thug sé uaidh go
mór le cupla mí fhéin. Is beag le go bhfuil sé indiaidh a chéile anois]/
Síleann an fiach dubh nach bhfuil éan ar bith cho breá len a éan féin =
is geal leis an bhfiach dubh a éan fhéin (a ghearrcach fhéin) = síleann gach
máthair gur ar thóin a páiste féin a eiríos an ghrian = falaíonn grádh
gráin = más áin linn rud nó duine, ní léar duinn a lochta ná éalann
ar bith dhá bhfuil air /[Diabhal aithne uirre muis nach bhfuil an pataire
sin de mhac atá aice cho breá le mac Rí Gréige. Ach síleann an fiach
dubh nach bhfuil éan ar bith cho breá len a éan féin / Tá cuingir chléibh
déanta aige, agus dhéanfadh sé siún sincín dhíot dhá moladh agus dhá 'sbáint
duit. Dheamhan maith a fheicimse orra thar chliabh ar bith, ach síleann an fiach
dubh i gcomhnaí nach mbíonn éan ar bith cho breá len a éan fhéin]/

Chuirfeadh sé an éig (ague?) ar na fia (fiadha) dhubha le fuacht = tá an dubh-fhuacht ann / Ná bac le fuacht a dhuine sin! Chuirfeadh sé an éig ar na fiadha dhubha /[Sén sórt trathnóna a bhí ann, trathnóna a chuirfeadh an éig ar na fiadha dhubha. Bhí sé ag flithshneachta as gaoith anoir, agus "braos" ann a bhearrfadh thú. Níor shaothruigh mé aon-aistir ariamh ach é / Níor tháinig aon-uair ariamh mar thús an Mhárta seo. Bhí dhú nae trí (a dhó nó a thrí) de laetheanta ann agus chuirfidís an éig ar na fiadha dhubha. B'íontas gur mhair bó ná gamhain leis / Da mba é an lá é a mbeidh na fiacha dubha ag cur a dteanga amach (lá an-te, an-bhróllach), beidh an cochall thuas aige. Is diabhlaí go seasann sé leis / Ní fheicfeá deóir allais air lá a mbeadh an fiach dubh ag cur a theanga amach le teas / Ba lá te thar cionn a bhí ann. Bhí an fiach dubh ag cur a theanga amach]/ An lá a mbeadh na fiacha dubha ag cur a dteanga amach, ní iarrfadh sé corraí ón splainnc. Ní duine ceart chor ar bith é. Síogaí nó sídheóig é. Chaithfeadh sé gurb ea /

Fiadh/Fiach: Tuilleadh (fc. fiadh) /

Ní shiúilfeadh an fiadh é = áit bhog i gcriathrach nó a leithide / Tá cíocraí annsiúd agus ní shiúilfeadh an fiadh iad. Ghabhfá go glúine ionta / Ní shiúilfidh an fiadh an easca siúd th'éis na báistí seo. Níl ann ach go raibh sé in araíocht ag asal a dhul ann mar bhí sé, ach ní ghabhfaidh an duine fhéin ann anois / Níl againn ach fiach na haon-chon = níl againn ach duine amháin ag saothrú; duine amháin ag tarraint an tsean-phinsin (i dtithe eile bheadh beirt); tá muid idtuilleamaí duine amháin nó deise amháin nó slí amháin le maireachtáil / M'anam nach bhfuil fáth ar bith agadsa a bheith ag ceasacht. Tá triúr agaibh ag saothrú. Ach feacha mise nach bhfuil agam ach fiach na haonchon. É sin féin is gearr go mbristear é / Tá dhá bhó ag an C., ach muide, níl againn ach fiach na haonchon agus muid ag iarraidh a bheith ag cruinneál díol mais-tre in a dhiaidh sin = níl againn ach bainne bó amháin / Níl slí ó Dhia againn anois ach fiach na haonchon: na deich scilleacha pinsean sin atá an tsean-bhean a fháil. Ach is gearr le dhul é sin ar thriúr /

Fiacail: Ainmfhocal; Buineann; Geiniúnach Uathaidh: na fiacaile, na fiacal; ach is rí-mhinic nach mbíonn claochlódh tuisil ar bith ann, cé go bhfuil an Geiniúnach Iolraidh sách minic san gcaint agus ní i leagain sheasta amháin ach oiread .i. doigheachaí fiacal, ag saothrú na bhfiacal etc.
Uimhir Iolraidh: fiacla, fiaclaí
Fiacail: gach giota singil de dhrad duine nó beithigh nó éisc; an méid a bhíos leis de na sáiteáin nó na hasnachaí as cionn bord cléibh; na giotaí a bhíos ag freagairt aníos idir na mainnt i gcorrán nó i sámh; na fleasc-annaí atá i mbéal círe, cárla, cléithe agus a leithide eile (rud ar bith mar seo a bhfuil "drad" ann, bíonn "fiacla" ann); storrán as aill san bhfarraige, ionga phortáin, cráig ghliomaigh etc.

Níl fiacail in mo dhranndal (in mo charbad) = tá na fiacla uilig imithe uaim (tuithe orm, scoite agam etc.) /[Tá fiacail liom farcha. Tá oiread do dhorna de pholl inte / Tá sé ag cur na bhfiacal (na bhfiacla) = iad ag fás / Bíonn gasúir an-chantalach agus iad ag cur na bhfiacla / Tá an piodarlann se'againne muise ag saothrú na bhfiacal (= dhá gcur; nó doigheachaí air) / Is maith a cheannuigh mise na fiacla sin le dhá mhí = a shaothruigh mé iad ag doigheachaí]/ Tá na fiacla curha aice = (capall, bó etc.) / Tá na fiacla curha go maith ag an gcailín sin = tá sí bun-aosta /[Ná bíodh imní ar bith air nach bhfuil na fiacla curha go maith aice ar chaoi ar bith. Nuair a bhínnse ag dul siar ar an gC. fadó ar cuairt, bhí sí in a sean-chailín óg an uair sin / Bó naoi bhfiacail, ní bhíonn cinneadh ar bith léithe. Tá bó hocht bhfiacail maith go leór. Ach uaidh sin anuas, ní fiú deich triuf iad]/ Is lom tanaí é a ghiall, agus ní ar a fhiacail atá an locht = tá ithe a chodach go maith ann ach níl slacht a chodach air / Is fuide a bhíos ciall ag fás ná fiacla = ní theagann ciall do dhuine de réir mar a theagas aois dó / Shílfeá go bhfuil a dhóthain aoise aige anois le ciall a bheith aige, ach is fuide a bhíos ciall ag fás ná fiacla. 'Ar ndú' dhá dteagadh ciall le aois, ní bheadh amadán ar bith ar an saol /[Cén chiall duit é sin a dhéanamh. Tá tú in do bhuachaill óg agus dheamhan smiaróid (sméaróid) agad fós ach an oiread le páiste. Is cóir adeir siad gur fuide a bhíos ciall ag fás ná fiacla. Mo chreach do chuid-se céille muis!]/ Ní bhriseann deagh-

glór fiacail (agus tugann an fear sleamhain fiacha leis) = ní mhilleann deagh-ghlór fiacail etc. = ní bhriseann focla maithe fiacla = má dheireann an duine an rud cóir cuíbhiúil, ní chuirfear aon-araoid air, ná ní bhuailfear é /[Tuilleadh diabhail aige. A chuid bollaireacht féin a thug an méid sin air. Dhá gcoinníodh sé a bhéal ar a chéile, ní bhainfí leis. Deir siad nach mbriseann focla maithe fiacla / Má bhíonn duine mín tláth agus gan síomálachaí ar bith a tharraint air fhéin, 'leabharsa ní chuirfidh aon-duine chuige ná uaidh. Ní bhriseann deagh-ghlór fiacail. An iomarca clabair-eacht a bhriseas iad / Trí bheith an tsean-mhadaidh; gan rith, gan rath gan fiacail]/ Na trí ní is fealltaí: cois chapaill, fiacail madadh, agus focal duine uasail / Na trí ní is géire: dealg múnlaigh (láibe), fiacail con, agus focal amadáin / Má thugann tú fiacail leat as do dhrad, nó má thuiteann fiacail asad, deir siad gur ceart salann a chur inte, a cur isteach i smiochóid, agus a caitheamh siar thar chúl do chinn in ainm an Athar, an Mhic agus an Sprid Naomh [ach "nar imighe uainn ach thú", nó "brúgh agus ding ort" adeir daoine eile. Coinníonn cuid de na daoine fiacla a thuitfeadh mar sin. Cuireann siad i dtaisce iad, agus deir siad go mba cheart a gcur i gcónra le duine, ach ní fhaca mé dhá dhéanamh ariamh é] / Is cosúil le fiacla ballach atá aice = drad an chnúdáin = drad deas fiacal a bheadh ag luighe le chéile go maith /[Is breá an drad fiacla atá aige. Is geall le fiacla ballach iad. Is mór is fiú dhó nach len athair a chuaigh sé faoi na fiacla. Fiacla scramhacha a bhí uilig aige / Tá tusa dall. Deir tú gur fiacla ballach atá aice. M'anam má sea muis gur drad Gaillimheach é / Fiacla scagach atá agamsa / Tá séanas idir chaon dá fhiacail in a dhrad]/ Na cúilfhiacla = na fiacla thiar; na cláir fhiacla = i bhfus i dtosach an draid; fiacla géill = an drad íochtair; fiacla carbaid = an drad uachtair / Tá fiacail bhrise (fiacail bhris) aige sin = fiacail le cois; "wisdom teeth" (bris? = bis, bisigh, le r sciorrthach?); [ní chuireann daoine í leis na fiacla eile. Bheidís méaduithe sul a dteagadh sí. Siar go maith san drad a bhíos sí / Chuir P. se'againne fiacail bhris agus é mór millteach / Diabhal mé go sílfeá gur fiacail bhris atá ag teacht dom thiar in mo ghiall / Leag do mhéir ar an mbun sin. Fiacail bhrise í. Is gearr ó chor ar bith ó a chuir mé í sin]/ Tá bualadh fiacal orm leis an bhfuacht (le faitíos etc.) = bualadh draidín = gíoscán fiacal / Airím

doigheachaí (fiacal) aríst le cupla lá / An bhfuil Artha na nDoigheachaí fiacal agad? Chuir M. C. dhom cheana í, agus dar fia fuair mé biseach len a linn / "Shuidh Peadar ar leac leathan abhann (dhomhainn?). Tháinig Críost as a chionn. 'Céard tá ort a Pheadair? 'Ó 'Thiarna, m'fhiacail atá tinn'. 'Eirigh a Pheadair agus bí slán; ní thusa amháin ach a maireann beó. Coinnigh an artha seo (in) do cheann, agus ní bheidh dae (doigh) fhiacal ort aríst go deó" [sin leagan amháin ar artha na ndoigheachaí fiacal]
Is cosúil gurb sheo artha mhagúil:
"Artha a chuir Ún (Eon?) do Dhiarmaid; artha gan iarraidh gan achuiní cúilfhiacail, cláirfhiacail, fiacail fhada cham, agus má tá doigheachaí ort nar fhana fiacail in do cheann" /
Is scéal é arbh fhearr do dhuine a leath (cuid dhe etc.) a choinneál faoin a chúilfhiacail (faoin gcúilfhiacail) = b'fhearr gan a innsean ar fad; scéal é nach bhfuil ro-chuibhiúil, nó atá bréagach nó a tharraingeódh gleó etc. /[Is mór adúirt sí. Níl aon-cheo ó Fhlaithis Dé nach raibh tarraingithe anuas aice. Ach b'fhearr go mór do dhuine dhá chuid dhár dhúirt sí a choinneál faoin gcúilfhiacail. Ní l'aghaidh an réitigh a bhíos sí ag caint / Fág faoin gcúilfhiacail an scéal sin, nó tarraingeóidh sé caint / Is fadó an lá a d'innis sé é sin domsa ach choinnigh mé faoin gcúilfhiacail ariamh ó shoin é / Is mór atá faoin gcúilfhiacail aige sin, dhá mb'fhéidir a bhaint as, ach do dhúshlán feiceam-uist! Níl cúl a chainte leis sin chor ar bith = is iomdha rún aige / D'iagóir Dé dhuit nar fhága an méid sin faoi do chúilfhiacail. Cuirfidh siad sin ar fud na tíre é. Tá tú ro-ráiteach ar fad /[Cuirfidh an ridire comhairleach an ordóig faoin gcúilfhiacail thuas san teach anois, agus gabhfaidh siad ar "phleain" eicínt eile = mar dhóigh dhe, go ndéanfadh sé fios / Is minic a bhéas an ordóig faoin gcúilfhiacail ag an gconán thíos anois. Ní leigfidh sé an geábh seo uaidh nó is cinniúint air é. Is fada indiaidh na cupla garraí sin é]/ Tá chuile dhuine tarraingithe trín a fhiacla aige = bíonn sé ag caint agus ag coiriúint ar chuile dhuine / Fainic thú fhéin ar a teanga sin. Níl duine ar bith nach bhfuil tarraingithe thrín a fiacla aice / Nach diabhlaí an deis atá ort: ag tarraint do chomharsanaí thrí t'fhiacla mar sin. Shílfeá go mb'fhearr duit a dhul agus do ghnatha a dhéanamh go mór / Bhí tú tarraingithe thrín a fiacla

aice cho maith le duine. Ach cé a thiúrfadh áird ar an nguróir bradach? / Tháinig sé in m'fhiacla a rádh leis nach raibh aon-ghadaí san tír ba mhó ná a athair fhéin, ach níor bhac mé leis = tháinig sé go dtí an béal agam = b'fhobair gur dhúirt mé / Bhí sé in m'fhiacla agam a tharraint anuas chuige, ach leig mé tharm é aríst / Bhí sé in m'fhiacla a iarraidh air, ach tosaíodh ar scéal eicínt eile, agus diabhal ar chuimhnigh mé air níos mó /[Tháinig sé in m'fhiacla na caoirigh a fhuagairt dó, ach ó a chonnaic mé cho fáilí é, dúirt mé liom fhéin, nach mbeinn danra / Tá mé ag coinneál snáth faoin bhfiacail agus sé a bhfuil ann é = tá mé indon maireachtáil (nó beatha a choinneál liom fhéin) ar éigin (tobac, tuitíní etc. freisin) / Cáil mo shlí-sa fiafraím díot? Tá mé ag coinneál snáth faoin bhfiacail, agus sách rite atá sé sin fhéin ag gabhail liom / Diabhal a mbeidh de chailleadh air má choinníonn sé snáth faoin bhfiacail. Dhá mbeadh an mac amuigh in a mháistir scoile aige, choinneódh sé deóladh leis]/ Dhá bhféadadh na daoine snáth a choinneal faoin bhfiacail go bhfeicidís leo, níor mhiste é. 'Ar ndú ní bheidh an saol mar seo i gcomhnaí. Críochnoidh an cogadh uair eicínt agus saoirseoidh an bheatha agus an t-éadach. An té a bhfuil caitheamh agus fáil aige, níl údar casaoid' ar bith aige /[An uair ba ghainne a bhí an tobac choinnigh mé snáth faoin bhfiacail. Biomdha stuipéad a chaitheadh P. Ch. agam ingan fhios / Diabhal mé anois, a' bhfeiceann tú dhá chaillte dhá bhfuil an saol faoi "feaigs" go gcoinním snáth faoin bhfiacail. Ach bím buíoch dhá bhfuil de ghiollaí agam! / Th'éis a bhfuil de dhola air, agus lán tí de mhuirín air, bail ó Dhia orra, dar príosta tá sé ag coinneál snáth faoin bhfiacail / Nach diabhlaí a chruthuigh an dream a bhí ann roimhe seo, agus snáth a choinneál faoin bhfiacail chor ar bith, agus gan iad ag fáil dada ach a raibh in a gcnámha. Ní raibh "dole" ná pinsean ná airgead gasúir ann.]/ Bhain sé greim fiacal asam / "Inín Bhannóg na Méaracán, agus mac mic Mhíchil na nGreamannaí Fiacal", adeir sé / Thug an madadh fiacail dom = rug sé orm / Sé an coileán sin a bhfuil an fhiacail aige th'éis cho hóg agus atá sé / Níor mhaith leis a leigean uaidh gan fiacail a thabhairt dó in a dheidh sin = masla, gob, sáiteán / Ma thugann sé sin fiacail duit

is measa í ná greim ó dhuine eile = is géire focal fánach uaidh, ná dhá mbeadh duine eile i bhfad ag sciolladh ort / Níor leag a mhadadh fiacail ormsa = níor theangmhuigh sé liom chor ar bith / Ní leag-fadh an bromach fiacail ar na fataí = ní leagfadh sé pus orra / [Dheamhan thiomanta fiacail a leagfadh sé ar a bhéilí nuair nach bhfuigheadh sé feóil / Ní leagfaidís fiacail ar na "meangiols". D'eireódh dhóibh. Tá siad millte agaibh le fataí / Bhain sé fiacail asam le dorna]/ Tá sé go fiacail = tá a sháith go binn ólta aige / Má ólaim an píonta seo cuirfidh sé go fiacail mé / Bhí mé go fiacail le poitín / Labhair sé faoin a fhiacla, agus ní thuigfeadh aon-fhear beó é = labhair an-íseal, agus an chaint a changailt /[Breá nach n-abróchthá an rud amach agus gan a bheith ag mungailt faoi t'fhiacla mar sin. Is mór an subháilce an té a labhrós gan cás gan náire / Dúirt sé rud eicínt faoin a fhiacail, ach níor thug mé liom é. Is dóigh nach haon-deagh-rud é ar aon-chor]/ Tabhair fiacail don laogh sin agus b'fhéidir go n-ólfadh sé an bainne = méar; méar a choinneál leis; do mhéar a chur faoin a fhiacail le fataí, bainne nó rud mar sin a choinneál le laogh / Ní íosfaidh sé iad gan fiacail / Níor chuir sé fiacail ann = dúirt sé amach é gan frapa gan taca /[Siúd é nach gcuirfidh an fhiacail ann, ach a mbeidh le rádh aige a rádh más olc maith le duine é / Ní chuirfidh mé fiacail ann. Déarfaidh mé amach leat é gan frapa gan taca, tóig orm é nó ná tóig]/ Tá fiacail imithe as an gcliath / Céard a bhris fiacla an chléibh? / Níor bioraíodh fiacla an chléibh sin chor ar bith. / Bhí an cliabh go fiacail aige le fataí = go bord, go béal / Tá an gloine go fiacail = go buinne bruach / Líon sé gloine fuisce go fiacail dom /[Is diabhlaí an taoille a bhí ann anocht. Bhí an chéibh go fiacail aice = bhí sí aníos cab ar chab le urlár na céibhe / Is geall le fiacla sámh (saw) atá aige. Tá siad scagha ar fad / Níl na fiacla sách dlúth san raca sin. Fiacla mar bheadh i gcíor a bheinn a iarraidh inte (i raca)]/ Tá dhá fhiacail briste san racán. Ní racálfaidh sé aon-fhéar dhuit go dteighe fiacla nua ann / Tá an storr siúd in a fiacail amach san gcuisle = gob carraige san bhfarraige / Nach aige atá an fhiacail = ionga phortáin / Tá na fiacla lúbha san gcárla sin / Caithfidh fiaclaí an chárla a bheith mín tláth agus sách acluithe. Bídís freisin ar aon-fhad amháin. Mara mbeidh ní chárdálfaidh sé an olann ceart. /

Feire: Feirbhín: Ainmfhocla: Fireann: Uimhir Iolraidh: feirí, feiríochaí.
Feire = eangaí a ghearrtar timpeall sna canndaí ag tóin bairille, tubáin daibhche etc. le go dtuillfidh an tóin isteach ionta, agus go mbéarfaidh sí greim orra. Amuigh le ciúis a bhíos an feire, agus is geall le sclamh ar dhéanamh V é.; eangaí i ndruim péiste (eangailte) nó feithidigh den tsórt sin; an áit a dteigheann uachtair bhróg i bhfastódh san mbonn; ciúis a chuireas gabha i gcrú le go dtuillfidh na táirní go cóiriúil ann (: an rásáil); an fóidín baic a chastar ar thalamh bán i gcruth agus go mbeidh iomaire agus claise in a gcomharaíocht ann (: feire, feirbhín); ciúis nó caiseall ar rud ar bith go háirid má bhíonn bruach árd amuigh air .i. clár bácúis, an caiseall iarainn nó an fráma a bhíos ar lampa léitheoireachta leis "an scáth" a leagan anuas air, ráille le droichidín etc.
(f ' er ' ə. f ' er ' əv ' ɪn ')

Nuair a bhí an bairille tuithe thóg sé feire air. Ní raibh a fhios agam go dtí sin go raibh stuaim ar bith ann /[Deir tú le céard a bhí sé a iarraidh? Deil. Theastuigh uaidh feire a thógáil ar thubán. Is fada ón stuaim an stucaireacht, adeirim féin: a theacht ag iarraidh deil annseo. 'Ar ndú' ní deil a thóigfeas duit é ar aon-chor / Tá an tóin ag tuitim dhe, mar tá an feire caite. Is deacair feire a chur i mbairille. Duine deaslamhach a dhéanfadh é. Tá ceird air sin]/ Ní bheinnse dhá mheandar ag cur feire annsin, dhá mbeadh an deis agam. Iarann feire a theastódh uaim. Bíonn sé ag cuipéara. Is leis a chuireas sé feirí i mbairillí agus i dtubáin = [iarann feire = acra a bhíos ag cúipéara leis an bhfeire a thógáil] /[Níl fear ar bith a chinnfeadh air ag tógáil feiríochaí. Ní bheadh sé ala an chloig ag tógáil na daibhche sin anois duit. Sén truaighe gan an dabhach sin a thógáil. Is breagh an ball é. Níl air ach go bhfuil na canndaí caite roint ag an tóin. Dhéanfadh feire nua é cho maith agus a bhí sé ariamh / Tá feire na tóna caite san tubán]/ Tá an fonnsa feire tuithe den dabhach = an fonnsa nó an buinne ag an tóin / Níl aon-deasú indán don bhróig sin. Tá sí imithe on bhfeire. Sén truaighe é. Ba bhreagh an t-uachtar a bhí uirre /[Sin é an buille! Níl a fhios agam an féidir aon-chaoi a chur uirre. Tá an feire caite (: bróig). Bróga ar bith a mbeidh na feirí caite

ionta, tá siad ó chaoi. Mara dtugthá ag gréasaí í. Bíonn sceanna feirí agus deiseannaí aige-san … / Ná bac le bróga an tsaoil seo. Ní fiú trumpa gan teanga iad. Imeacht ó na feiríochaí a níos siad ar fad / Shílfeá gur beag an feire atá san gcrú sin chor ar bith. Na bac le aon-ghabha nach gcuirfidh slacht ar an rásáil muis / Dhéanfainn fhéin crú! Dhéanfadh fear ar bith é, ach céard a chuirfeadh feire agus cocáil ann? Sin é an buille a mharuigh an mhuic]/ Céard a bhris an feire ar chlár an bhácúis = bíonn caiseal thart ar chiúis an chláir agus sórt claise thart leis taobh istigh i gcomhgar croí an chláir. Cothrom a bhíos an feire sin. Bíonn sé ar clár pota freisin go hiondúil /[Ná leag an clár sin ar a fheire nó tuitfidh sé agus brisfear é]/ Dhéanfainn ciseóig ach níl mé indon an feire a chur uirre = an caiseall timpeall = an fhidh / Tá an feire seo ag eirghe den "tyre". (tyre rothair; bíonn sórt feire len a chiúis) /[Tá an feire lúbha ar an lampa. Ní féidir a lúbadh ar ais an féidir? Caithfear an feire ar fad a thabhairt go dtí an baile mór len a dheasú / Sin sé anois an obair, feire an lampa sin a thabhairt isteach Gaillimh agus amach aríst slán. Ní mór dó sin aire an leinbh. Tá rud fánach indon a chur as cor. Bean a mbeadh cléibhín ime aice a thiúrfadh léithe ceart é]/ Tá droichidín na carra indáil le réidh. Bhí tuile san abhainn an lá faoi dheireadh agus ar éigin Dé a shrian mé treasna chor ar bith é. Ar mo ghlúine a chuaigh mé. Ní thrustfainn breith ar an bhfeire siúd. Tá sé ar bogadh, agus dhá dteagadh sé leat, chuirfí san abhainn thú = ráille beag ar dhroichead; tá droichidíní den tsórt seo — ceanna beaga caola — ar na haibhneachaí, in áiteachaí /[Ní bheadh a fhios ag duine cén puinnte a dtiúrfadh feire an "stage" (árdán: platform) uaidh, agus a gcaithfí anuas indiaidh a mullaigh gach agus a raibh thuas air. Dhá gcaití fhéin dheamhan mórán deora a shilfí i ngeall orra]/ Tá feire curha timpeall an iomar baistí san séipéal aige = ráille beag / Níl a fhios agam beo cén sórt feithideach a d'eirigh amach chugam as íochtar bog thíos inGarraí an Chladaigh an lá faoi dheireadh. Péist í agus feiríochaí uirre. [Tháinig sí aníos ón ngaineamh ruadh. Ní fhaca mé a macsamhail ariamh cheana = eangaí timpeall a droma]/ Tá brat de phéistí na bhfeirí sin ann: na heagailteachaí. = bíonn feirí san eangailt / Cén fáth an feire seo san leitir? = an stríoc puillíní a bhíos treasna ar chuid

de na leitreachaí i riocht agus go mba éascaíocht é len a n-oscal / Cén ciall an feire sin a bheith san mbosca? An annsin a theigheas an claibín air? = groove. / Tá sé ag tógáil feirbhín (nó feire) ar an ngarraí seo thoir inniu = fóidín baic / [Séard a bhí agad a dhéanamh leis sin anois feirbhín a chasadh air, agus é a leasú amach annseo, nuair a bheitheá ar do dheis fhéin ceart / Tá an feilméara mór seo thuas ag filleadh ar an sean-ghnás. Ag casadh feirbhín a fheicim é na laethantaí seo. Caithfidh an fear céanna armáil a bheith aige thar aonduine]/

Feirbínteacht: Ainmfhocal; Buineann = cantal; abhallóireacht; nuall; sceaimhínteacht

Th'éis a bhfuil de chraicínteacht agus d'fheirbínteacht aige, ba mhaith éascaidh a leig sé faoi ach a dtáinig tusa isteach. Is maith an rud grádh nó faitíos 'ar ndú' = sceaimhínteacht; ag bollaireacht agus ag ollmhachan achrainn / Leig de do chuid feirbínteacht anois nó gheobhaidh tú rud ar a shon / Ní sheasfadh an saol leis san teach le feirbinteacht agus maistínteacht, ach diabhal smid ar bith ó a bhaileos sé amach. D'fheadfadh fear den bhaile é a bhualadh treasna an bhéil, agus dheamhan cor a bheadh aige, ach d'ídeódh sé orainne é ach a dteagadh sé abhaile. Níl ann ach cladhaire fir in a dheidh sin /

Foirbhe: Foirbe: (Feire) = Ainmfhocal: Fireann = screamhóg, carra; sceadadh; at; borradh mar a theagas ar cháca agus é bruite, ar fhata bruineóige etc. [deirtear foirbhe, foirbe, agus is minic a thugtar feire air freisin, de bharr an dá fhocal eile a bheith ag seirgeadh b'fhéidir, agus go bhfuil feire tréan san gcaint]

Fág thíos san ngriosach iad (: fataí bruineóige) go ceann scathamh eile. Dar ndóigh níl foirbhe ar bith fós orra = an screamhóg chruadh ruadhóite sin a thagas orra i splancrachaí nó teas fútha / Tá foirbe ar an gcáca faoi. Ionntuigh ar an taobh eile é. Cuir ionnfairt eile teine faoin mbácús / Tá foirbe faithniúchaí (feire faithniúch -aí go minic) suas uilig annsin ar dhruim a láimhe — carra, drúcht faithniúchaí /[Tabhair ionú di anois go ceann nóiméide. Ní bheidh sí bruite (feoil dhá róstadh) nó go dtige foirbhe uirre = craiceann donn mar sin ón teas / Cuirfidh mé foirbe ar an mbaithis agad le iarraidh = léas a thógáil uirre / Céard a chuir an foirbhe sin ar do leiceann. Níl tú gearrha ach shílfeá go bhfuil an craiceann brúite mar theangódh rud eicínt leat]/

Fréamh; Fréimh (: fréimh is mó adeirtear) = Ainmfhocal; Buineann; Uimhir Iolraidh fréamhacha(í), fréamhrachaí, fréimhreachaí, fréimheannaí (fréimhreachaí is tréine) Fréamh = an cuid de chrann de sceich, de scoth etc. a bhíos faoi thalamh, nó a fhásas síos san talamh; síol, sinsir, gaol, dáimh, sliocht, féith, cuisle. Fréimheach; Fréimhreach = Aidiacht: fréimhreachaí a bheith ag … ; rud a bheith ag cairiú Fréimhiú: ag cur rútaí nó fréimhreachaí amach; a bheith ag cairiú.

Bain ón bhfréimh é (bruimfhéar) nó níl aon-mhaith ann = a thabhairt leat as an talamh uilig; mara dtuga fásfaidh sé aríst / Níl aon mhaith créachtachaí a bhaint mara dtuga tú leat as na fréimhreachaí iad / D'fhásfadh na crainnte beaga sin gan fréimh ar bith = d'fhásfadh scolb díobh / Tá siad ag cur fréimhe amach = crainnte etc. /[Sin fréimh ón gcrann atá ag teacht annsin / Cuir luaith síos leis an bhfréimh aca (crainnte) agus feicfidh tú fhéin air gur gearr go mbeidh borradh fútha / Ní chuirfidh na sceacha beaga seo aon-fhréimh amach choichín]/ Chuaigh sé siar go fréimh gur innis sé dóibh cé hiad fhéin = duine ag sciolladh ar dhuine eile; innseacht faoin a sinsir cho fada siar agus atá ann / Tá inín le P. Th. ag dul ag pósadh i mB. Sin fréimh eile amuigh aige. Theastuigh an fhréimh sin uaidh. Ní raibh teach cuart ar bith soir aige, th'éis go raibh neart aca siar aige = go ndaingneódh sé é fhéin le pósadh na hiníne / Fuair sé posta beag don "leaid" óg sin ag M. Sin fréimh eile amuigh aige ar an mbaile sin = mar dhóigh dhe go mbeadh cúl toraic aige feasta ann /[Nuair a fhaghas duine den dream sin (na Iúdaí) greim in áit ar bith, cuireann siad fréimh -eachaí amach]/ Tá fréimh ó tincéar ionad dhá mbeadh an saol ag caint = féith (fc. féith) / Níl fréimh ar bith ón sean-bhuachaill ann muise, mara n-ólann sé / Ní buí ón ngréin atá sé ach buí ón bhfréimh = ní ón ngaoith ná ón ngréin a thug sé an buíochte, ach ón tsinsir /[Dóghadh gréine! Sea muis! Nach bhfuil a chosúlacht uirre! Diabhal gaoth na grian a buaileadh uirre sin le bliain ach sacha istigh i bpruchóig eicínt. Ní buí ón ngréin atá sí ach buí ón bhfréimh / Tá sé buí ón bhfréimh agus d'eile cén chaoi a mbeadh sé? / Má tá fréimh ar bith ag teacht in a dhiaidh sé gheobhas an posta atá aige fhéin = duine ar a shliocht; duine muinntreach]/ Ní bhíonn aon-altóir ar shagart ach beidh altóir ar an sagart sin, má theagann fréimh ar bith in a dhiaidh leis an airgead

a fháil = an rud a bhí i gceist: nuair a gheobhadh an sagart i gceist
bás, go gcuirfí altóir air, dhá mbeadh duine muinntreach leis fhéin
in a shagart leis an airgead a fháil / Cheal nachar fhága sí fréimh
ar bith in a diaidh leis an áit a thabhairt dó = duine muinntreach a
bheadh in a oighre; ní chiallaíonn sé a clann fhéin ná clann a cloinne
go háirid / Níl mórán fréimhe le "broic" againne agus dhá mbeadh fhéin
ba bheag an dochar = "Broic" a thugtaí de leasainm ar mhuinntir
an duine seo = níl mórán gaoil ná páirt againne leo /[Níl
fréimh ar bith le Céideachaí Bhaile C. againne agus ní fearr linn a
bheith, arae is dona agus is tutach iad / Sílim nach bhfuil fréimh
ar bith ag na Curraoinigh i bhfus le na Curraoinigh thiar. Má tá
is ingan fhios domsa é. Níor chuala mé ariamh go raibh / Aon-mhuinn-
tir amháin iad muintir Ard Raithin ar chuala tú ariamh é. Tá fréimh
ag na "Mórannaí" sin thuas len a bhfuil de "Mhórannaí" san tír.]/
"Scread chasta ort", adeir sé le T. "Gheobhainn ciall chuile dhuine a bheith
ag déanamh gáisce as a chine ach thusa: cine faoi chupóig. Níl fréimh
agadsa le aonduine / Tá fréimhreachaí (atha) in a chosa = féitheachaí
= varicose veins /[Tá na fréimhreachaí eile sin in a cois / M'anam
muise má tá fréimhreachaí in do chosa nach mór duit a dhul rómpa.
Deir siad dhá bpléascaidís sin, go dtiocfadh an deoir deireannach de
do chuid fola, crois Críost orainn! / Tarraingíthear amach an
teanga agus bíthear ag cuimilt an taobh atá fúithe, nó go dteaga
fréimh mhór dhubh amach ón a híochtar. Sin í an chuisle. Gearrtar
í = an chaoi leis an gcuisle (: fréimh) a leigean ag bó / Chomh luath
agus a gheobhas tú an fhréimh idteanga na bó, leig í]/ Ní fhréimh-
eóidh an sceach annsin go deó. Leac atá faoi = ní chuirfidh sí rútaí
amach ann /[Crainnte an-fhréimheach (fréimhreach) iad sin. Bíonn an
cuimse go deo fréimhreachaí uatha. Níor mhaith dhuit a gcur in aice
tí. Scoiltfidís an balla ort dá gcairidís amach faoin a bhonn /

Fáiméad: ainmfhocal: fireann (ach bíonn sé buineann ag daoine. Féach na somplaí): uimhir iolraidh: fáiméid.

Fáiméad: (i) iarraidh, buille; cnaga dorn. (ii) grúán nó ailleóig de chloich (iii) rud mór, toirt mhór, límistéar mór, duine mór nó a leithide. [Chítear dhom go bhfuil meascadh ag céill a (iii) agus b'fhéidir ag céill a (ii) agus a (i) freisin, le focal eile "fámaire", nó arb as an bhfréimh chéanna iad? Fc. fámaire.] (iv) casúr, nó acara a bhfuil cosúlacht aige le casúr saor cloch. Tá druim air ar nós an druim a bhíos ar chúl oird saoir, agus béal ar nós táil. Leis an "oakum" a dhaingniú isteach idir cláir an bháid é, nuair a thosaíos sí ag leigean thríthi. Tá bois ar thaobh dhe agus slis ar an taobh eile. Daingníonn an tslis an t-"oakum" isteach, agus míníonn an bhois síos é. Is in a thaobh atá an chois. (v) banrach, nó pionna nó gabhann a bhíodh sna buailtí. Cúinne nó límistéar é a sháinnítí le claidhe a dhéanamh. Chuirtí na laoghanntaí isteach ann len a gcoisceadh ón máthair a dhiúl. Is ann a thugtaí an bainne dóibh tharéis an bhleáin. D'fheicfeá claidheachaí na bhfáiméad fós ar thamhnachaí nó in áiteachaí a mbíodh buailtí ar sliabh roimhe seo [tá an focal "fáiméad" i gcéill a (v) ag seirgeadh san gcaint. Ach in áiteachaí a bhfuil cuimhne fós ar na buailtí baintear leas as i gcomhair pionna nó bannraí ar bith a dhéanfaí le haghaidh uain a locadh, nó gamhna nó a leithide].

Bhuail sé fáiméad ar an doras. Shílfeá gurb é dhá chlár an domhain a buaileadh faoin a chéile leis an bhfuaim a bhain sé as = dorna, cic, iarraidh mhaide etc. / Buail fáiméad ar an mbord annsin, agus má tá aonduine san teach aireóidh sé thú. Is aisteach an rud beirt a fhágáil mar seo d'uireasa óil ag breathnú ar na ballaí! / Bhuail sé fáiméad de dhorna air agus shíl mé go raibh a ghiall in a dhá leith aige. Diabhal a dhath mairg a bhí air in a dheidh sin / Thug sé fáiméad d'iarraidh don fhuinneoig agus rinne sé steig meig di. Ach íocfaidh sé í sílim. Tuilleadh ghéar don diabhal aige, má íocann féin! Sén

gléas air é! / Chaith sé fáiméad de chloich liom agus go deimhin dhá bhfáinn í, bhí mo chuid agam. Nach diabhlaí an grádh atá aige do na clocha i gcomhnaí! Shílfeá go bhfuair sé a dhóthain díobh cheana /[Cérb as a dtáinig an fáiméad sin (cloch). Ní éadáil mhaith í sin ar urlár a bhfuil cantalóirí ag tarraint ann! Ná fág arm ar bith mar sin so-laimhsithe aca. Smíochaidís a chéile. / Ba bheag an dochar dhó fuil a chailleadh fhéin, má d'eirigh an fháiméad sin leis. Is diabhlaí nar mharuigh sí é!]/ Is cumasach an fáiméad d'fhear é, bail ó Dhia air. Tá biseach ann, bíodh an greim ann nó ná bíodh / Níl ann fhéin ach cimleacháinín nach dtiúrfá deich triuf air, ach tá fáiméad de bhean aige, agus ní thiocfadh sí isteach an doras sin. Go deimhin, má thosaíonn sé ag cur a chraicinn dó (dhe), ní stró mór uirri é a cheannsú /[Cár mharaigh tú an fháiméad de bhallach sin … poll Charraig Mh. Ba mhaith é poll Charraig Mh. chuile lá ariamh]/ Is breá an fháiméad de chruach mhóna atá amuigh aige. Gabhfaidh sí cheithre scóir. Ní stró uirri é / Is diabhlaí an fáiméad de gharraí fataí é sin atá curha ag C. annsin thiar. A Dhia dhá thártháil! Céard adeirigh dó i mbliana? Ní fhaca mé díol dhá chearc ag an bhfear céanna ariamh cheana / Tá an-fháiméad talúna annsiúd aige le bóthar agus roinn eile thoir. Ní cheal talúna atá air, dhá mbeadh sé indon é a shaothrú. /[Cáid ó rinne sé an fáiméad do choca feamainne siúd? Ó a bhí mise ag an gcladach go deireannach é.]/ Bhí sé fhéin agus an bhean in árachaí a chéile. Craicínteacht phoitín a bhí air. 'Ar ndó' bhí sé in a snáth mara ar an mbaile sin an uair sin. Meastú céard a rinne sé nuair a bhain sé fhéin agus an bhean amach san ropaireacht? A dhul thuas ar an lota, agus a theacht anuas aríst, agus sin a thomhais ort céard a thug sé anuas as? An fáiméad — fáiméad an bháid — le dhul ag lascadh na mná leis. Théich mé fhéin. Théich an bhean … /[Déan fáiméad annsin amuigh le na laoghanntaí sin a chur isteach ann / Ba mhinic a thug mise bainne do laoghanntaí san bhfáiméad an t-am a mbíodh muid ar buaile]/ Caithfidh mé fáiméad a dhéanamh don dá mhuic sin annsin thoir, go bhféada siad a dhul ag fálróid ann. Tá siad ro-chuibhrithe mar atá siad. Níor mhór dóibh anáil eicínt. /

Fruch Frach = dhá fhocal a theigheas le chéile: fuadar: fuile faile: anbhá: driopás: forú: luainneachas: ag dul anonn agus anall le deifir, olc agus rl.

Níor chuimhnigh mo chroí an cléibhín a thabhairt anuas agaibh leis an bhfruch frach faoin aonach ar maidin. Bhí sé siúd in a shuí ag an sé a chlog, agus shílfeá nach mbeidh breith go deó aige a bheith amuigh as an teach. Ní raibh duine ná deóraí thoir ar chlár an aonaigh roimhe / Cén sórt fruch frach atá air seo thuas inniu? Tá sé ag dul ón ngarraí go teach, agus ón teach go garraí, chuile phuinnte dhá mbaineann clog agus "watch". / Bhí fruc frach air ar maidin go dteigheadh sé ag cur choirce isteach. Ba é a lá é muis. Sin é an coirce a bheadh téite dhá gcuirthí isteach inniu é / Sin í a cheird i gcomhnaí: fruch frach mar sin air. Ní fhaca tú aon-duine ariamh is antlásaí ná é. Bíonn teas an aithinne in a thóin ag dul ag déanamh chuile rud. Agus ní len a fhoghail é. Dheamhan maith a fheiceas muid ar a gharraí, ach an oiread le duine ar bith eile / Tháinig fruch frach air agus an corp dhá thógáil amach. Shílfeá gur duine é a mbeadh saochan céille air. Dúirt sé nar cuireadh a mháthair i gconra mar ba cheart. Ba é a thráth é, agus an chonra dúinte, ba é sin / Seo níl aon-ghnatha agad fruch frach a theacht ort ar aon-chor. Tá an mhísc déanta anois. Buail isteach go dtí é, agus abair narbh é do chionn tsiocair é, ach go ndeasóidh tú dhó é. Is fhearr sin ná a dhul dhá cheilt air. Gheobhaidh sé amach ar aon-chor gur briseadh é. Níl an oiread fascadh san té a bhris é, agus go bhféadfadh sé a bhéal a choinneál ar a chéile. Innseóidh sé sin don tír é. Is claibín muilinn ceart é /

Fuascailt: Fuasclaím etc: Ainmfhocal Buineann: Briathar. [Bíonn fuaim "oscailt" air scaití, ach ní go minic é .i. "ag oscailt na ceiste"] Fuascailt etc.: réiteach; a dhéanamh solasach; a bhaint as aimhréidh; a shlánú; a scaoileadh nó a leigean as géibheann; fóiríint nó réidh an achair a thabhairt do … ; a shaoradh; a thárthál; a scagadh amach as sáinn

Ní raibh sé indon an cheist sin a fhuascailt duit? Is maith an máistir scoil é muis! / Sin anois ceist agus fuascail í a mhic ó (a chara,

a bhuachaill, a scológ agus rl.) / Chuaigh sí thar a fuascailt air = chinn air a fuascailt /
"Tomhais a chuir Éabh ar easbog: seachtain, sé agus naoi lá.
Cén chaoi a bhféadfadh seisear fear a bheith pósta in aoineacht ag aon
bhean amháin?" Sin agad ceist agus feiceamuist fuascail í /[Ní
fhuasclóidh tú an tomhais seo dhá mhéad do chuid gaisce / Chuir mise
an cheist sin ar mháistir scoile cheana, agus chaith sé an lá léithi,
ach d'fhuascail sé í / Níl fuascailt na ceiste sin ag aonduine ach
ag Dia na nGrást / Tiúrfaidh mise ceist le fuascailt duit / Fágfaidh
mé a fhuascailt sin fútsa anois ós agad atá an rian. Bain thú
féin do rogha adhmaid as an gcaint sin anois. Sin í an chaint a
chaith sé. Nar leige Dia go gcuirfinnse bréag air]/ "Cuirfidh mé trí
cheist ort", adeir sé, "agus mara bhfuasclaí tú iad, bainfidh mé
do cheann agus do chamán beatha díot. Cés goire dhuit do léine
ná do chuid éadaigh? … " / Tháinig sé ar ais agus na geasa fuascailt
aige = na geasa curha dhe aige = na geasa a cuireadh air, choimhlíon sé
iad / Ní raibh aon-fhear indon na geasa sin a fhuascailt ach láimh
dearg as Éirinn. Is tú atá ann / Fuascail an tsnaidhm sin … Nach
gearr a bhí tú léithi. Ní fhuasclóinnse í dhá mbeinn léithi go fuín. Ach
ní hionann bodach agus Dia 'ar ndó' = oscail í = bain an rópa,
an sreangán, an snáth etc. as aimhréidh / Tá an snáth seo an-
danra. Ní féidir na snadhmannaí atá air a fhuascailt = a scaoileadh /
Bhí sé ceanglaithe ann, agus d'fhuascail an bhean óg é. Marach
sin, bhí sé gan fuascailt = scaoil; shaor /[Ba é athair an "Lord"
a d'fhuascail as an bpríosún é = a leig amach é; a shaor é / Bhí
an sean-Tiarna a bhí annsin thiar indon duine a fhuascailt ón
gcroich. Sin é a raibh an "power" aige! / Níl aon-fhuascailt indán dó,
go mbeidh a chuid príosúntacht réidh aige, más fada gearr anois
é = saoradh]/ Thug an buidéal a fuair mé ón dochtúr fuascailt
bhreá dhom ón (ar an) bpian = fóirínt; réidh an achair / D'iarr
Oisín ar an Naomh Pádraig fuascailt a thabhairt ar an bpian do
na fiannta Éireann in Ifreann / Tá fuascailt bhreá agam ó
árd-tránóna má mhaireann dom. Ach bhí gár-phian orm ar feadh an
lae / Ní thiúrfaidh aon-cheo fuascailt dom ar mo thart ach cheithre
phionnta as cosa i dtaca / Chreidim gurb é an cás céanna é: nach

bhfuil aon-fhuascailt indán do na daoine go deó. An té atá bocht fanacht bocht = fóirínt ar an mboichteanas, ar ainriocht etc. / Tá an duine bocht in anchaoi anois, agus dheamhan fuascailt atá mise indon a dhéanamh air / Níl d'fhuascailt ar an tinneas sin ach foighid. Caithfidh sé a sheal a thabhairt. /[Leágha na bhfiann ní fhuasclódh (ní leigheasfadh) é más canncar atá air, agus sé a chosúlacht gurb ea. Tá an phian síorraí san ngiodán céanna, agus í ag neartú / Níl d'fhuascailt ar na doigheachaí sin ach na fiacla a tharraint. Isteach leat amáireach agus bain amach ón dúid na fiacla atá fabhtach. Feicfidh tú fhéin air, gur beag na doigheachaí a fhanfas ort annsin]/ Dhá bhfádh sé duine eicínt a d'fhuasclódh as na fiacha é bheadh leis! M'anamsa go bhfuil a cheart go maith le déanamh ag chuile dhuine agus a bheart fhéin a tharraint agus gan bacadh le aonduine eile /

Fidín: Balla Fidín: Ainmfhocal fireann [deirtear "fidín" agus "balla fidín"; "fidíní": Uimhir Iolraidh].
Fidín: cineál claidhe nó balla: fáire: an fód a bhaint; dubh-chúrsa de chlocha beaga nó de spalaí a dhéanamh; an claidhe a chur troigh nó mar sin as cionn talúna; annsin claidhe aon-chloiche a dhéanamh dhe as sin suas, le clocha móra. Nó an stúáil clocha bheaga agus spalaí a chuirtear idir an "máithreachaí" i gclaidhe; nó an dubh-chúrsa clocha beaga a theigheas i mbonn tí nó cró. Sé mórán an rud céana é ar fad. Clocha beaga a bhíos ann idir na máithreacha i gcomhnaí. Is furasta aithinte na clocha móra in uachtar i gclaidhe agus an fidín in íochtar. Fidín a bhíodh sna sean-chlaidheachaí ar fad mórán. Déantar amhlaidh fós iad freisin.

Is diabhlaí an claidhe atá sé a dhéanamh agus fidín in a leath = san leath íochtair /[Cé l'aghaidh a bhfuil sé ag déanamh balla fidín annsiúd? 'Ar ndó' ní ag brath dhá leith a dhéanamh den gharraí atá sé? / Cuir isteach máithreachaí len a bhun agus déan balla fidín eatorra le na mainnt a líonadh. Beidh claidhe dúshlánach agad annsin deirimse leat / An bhfeiceann tú an dá leachta sin thiar? Tá greadadh mion-chloch ionta l'aghaidh an fhidín / Ní raibh aon-chlaidheachaí ann mar na fidíní in a dhiaidh sin. Siad atá amach annsin ar fad. Ní chlisfidh siad go deó / Tá fidín an

chlaidhe slán. Níl call duit a dhéanamh ach suas ón a leath. / An bhfuil an cró déanta aige! An bhfuil an fidín déanta aige fós? Sílim nach bhfuil ná an fód bainte = an dubh-shraith san áit a mbaintear an fód / Dhá mbeadh an fidín seo fhéin déanta, bheadh comhshnáth faoi (gó-snáth?), arsa tusa. Ba mhór an mhaith sin fhéin. Is fada go mbeidh sé go cloch spideóige. Tá aon-bhliain amháin air (teach). /[Ná bac le na clocha sin. Is furasta clocha fidín a fháil. Máithreachaí agus clocha cuir a theastódh anois. Tá neart clocha stúala is chuile áit annsin / Nach ndéanfadh chuile fhear balla fidín? Céard atá ort ach riar clocha teangmháilte a fháil l'aghaidh máithreachaí? Diabhal aithne oraibh nach ag dul ag déanamh caisleáin atá sibh! B'fhearr dhaoib a dhul ag tóraíocht an Ghobán Saor go dtuga sé déanamh Chaisleán Bhaile an Chláir air! Is oraibh atá an fuile faile ingeall ar an sean-chlaidhe sin, agus go mbeadh sé déanta ag fear ar céallacan!]/ Beidh an claidhe siúd cho daingean le sconnsa aige. Tá sé ag cur fidín ann go dtín a leath. Caifidh sé an bhliain leis sin anois, agus ní chuirfidh sé díol dreóillín d'fhataí. Sé a bhuac a bheith ag pléidh le clocha. Tabhair ord agus gró dhó, agus sin é a n-iarrfaidh sé /

Feasta: Feastain (: an dá leagain: tá focla ar nós teachtain .i. teacht, ann): Doibhriathar: as seo amach: san am atá romhainn; anois; an t-am seo.

Leigí isteach feasta mé = tá mé cho fada annseo (tá sé cho fadó ó a d'iarr mé mo leigean isteach) agus go bhfuil sé in am mé a leigean isteach (ní: "as seo amach") / Seas deoch feasta = tá tú cho fada annseo agus go bhfuil sé in am agad deoch a sheasamh /[Ba cheart go mbeadh an béilí réidh feastain. Ní fhéadfadh mórán eile moille a bheith air / Tá sé in am aige a theacht feasta marar coinníodh aon-mhoill air / Fág seo abhaile feasta = tá sé in am a dhul abhaile anois / Eirigh in do shuí feasta agus teirigh amach ag obair = tá sé in am agad eirí in do shuí / Shílfeá go scuirfeá feasta = shílfeá go bhfuil sé in am agad eirí as obair / Shílfeá go mbeadh an cogadh céanna thart feastain / Ól braon tae feasta. Tá ceart agad a bheith stiúcha leis an ocras / Ba cheart duit do bhéal

a dhúnadh feasta. Tá tú in do chlaibín muilinn ó tháinig oíche = tá sé in am agad / Is ceart duit do dhóthain scoile a bheith agad feasta. An bhfuil na cheithre bliana déag sáraithe agad? = tá sé in am agad do dhóthain fólaime a bheith agad / Imeómuid. Ní féidir nó tá an ghealach in a suí feasta / Sé díol an diabhail é mara bhfuil sé críochnaithe feasta (.i. anois nó roimhe seo). Níl aon-sop féir san tír nach mbeadh bainte agam fhéin ó a thosaigh sé air sin / Tá sé in am agad tuirse a bheith ort feasta, agus cho moch agus a thosaigh tú ag obair inniu / Ní fhéadfadh an mhóin gan a bheith tirm feasta agus an farradh a fuair sí le coicís / Is diachta dhuit gan do chuid "lessons" a bheith fólamta agad feasta agus thú leó ó ard-tránóna / Is ceart don fhéar a bheith ag fás feasta (: anois nó roimh an am seo) / Beidh an t-Earrach againn anois lá ar bith feasta = as seo amach / Tá an Noll-aig ar dhort abhaile lá ar bith feasta = tá sí ag tarraint orainn / Lá ar bith feasta d'fhéadfadh duine a dhul ag baint mhóna = lá ar bith anois; lá ar bith as seo amach / Ní tráth áirneáin é feasta. Tá na laethanta ag dul chun síneadh / Rachaidh mise faoi dhuit nach ndéanfaidh sé é feasta = in future / [Caillfidh sé allas feasta má tá sé ag obair ar "scím" na móna = in future; from this on / Is an-fhear a bhéas ann feasta, má tá an t-ól caite in aer aige / Deir siad nach mbeidh aon-chogadh ann feasta ab ea? Is dona a chreidfinn é. Nach raibh cogaíochaí ann ariamh? / Ní chuirfidh mé araoid ar bith ort feasta. Do chomhairle fhéin a mhic ó. / Deir sé nach gcuirfidh sé fata ar bith feasta. Ar mhóin a ghabhfas sé ar fad / Más leat aon-chúis a dhéanamh feasta, níor mhór duit a bheith san áirdeall air seo thoir. Tá sé do do bhánú]/ Pós feasta a scraiste = tá sé in am agad pósadh / Shílfeá go mbeadh ciall agad feasta choíchin = tá sé thar am agad ciall a bheith agad; tá do dhóthain mhór aoise agad le ciall a bheith agad / Shílfeá go mbeitheá in don bord feamainne a líonadh feasta choichín / Mara bhfuil sé de rath ort marcaíocht a bhaint d'asal feasta choichín ná bac leat fhéin. Nach bhfuil tú trí bliana déag? / Mara bhfuil sé indon é fhéin a bhearradh le rásúr feasta choichín, ní dhéanfaidh sé

go deó é. Ara dheamhan gus ann mar bheadh i ngearrbhodach / Tá tú gan bróga feasta choíchin? Agus gur gearr go dtosaí tú ag cúirtéaracht. Gabh abhaile agus abair go ndó tú an teach mara gcuire siad péire bróg ort! / Tá sé in am agad Béarla a bheith agad feasta choíchin, agus cho fada agus atá tú ag dul 'na scoile /[Níl a fhios aige céard é liathán feastain coíchin! Cheal nach bhfaca sé aon-liathán ariamh! Dar fiadh muise tá leathcheanna ar an saol fós féin! / Is deas an buachaill óg thú feasta coíchin ag bualadh malraigh. Nach mór an comórtas dóibh thú! Do leithide de rúscaire ag leagan barr do láimhe ar ghasúr naoi mbliana! = you are a nice young man at your age / An "cailín beag" a thug sé uirre! Is deas í mo chailín beag muise feasta choíchin! Ní hea ach thar am pósta fhéin atá sé aice. Dheamhan lá ná leigeann de na chúig bhliana déag agus fiche nach bhfuil sí! / Is breá í mo bhudóg dhá bhliain feasta choíchin. An síleann tú nach bhfuil scil i mbeitheach agam. Seo go bhfeiceamuid a drad! / Uair ar bith feasta (: in future) da dtiocfaidh tú thart annseo teara chugam. Ná bí choimhtioch orainn]/ Oíche ar bith feasta dhá mbeidh sé romhat, ná tabhair aon-comhlódar dó / Uair ar bith feasta dhá gcasfaidh sé leat, ná breanaigh san taobh a mbeidh sé. Ní deá-ailím ar bith é sin / Ara diabhal saighdiúr ar bith a bhéas sna cogaíochaí feasta ach ínntreacht -aí nua mar sin a leagfas bailte móra d'aon-phléisc amháin /

Frac: Ainmfhocal Fireann: gan aon-athrú geiniúnaigh: Uimhir Iolraidh : "Fracannaí" (As Béarla "frock?").
Frac: an cineál casóg dhorcha bhréidín a bhíos ar mhuinntir na tuaithe in a lán aiteachaí fós.

Caifidh mé frac a chur dhá dhéanamh / Chuaigh W. D. siar. An frac nó báinín a bhí air? /[Bhí frac agus hata bog air mar d'fheicfeá ar fhear Achréidh / Shíl mé go bhféadfainn ábhar frac a cheannacht, ach ní raibh ionú agam / Go deimhin, tá sin air frac nua as an bpíosa a rinne táilliúr as Gnó Mhór dhó. Tabhair ball breá air, agus 'ar ndó' mar a bhfuil fear istigh ann atá indon a líonadh ní lá go maidin é! /

Fudar Fadar: dhá fhocal a bhíos i gcuingir a chéile i gcomhnaí: fireann
Fudar Fadar: thrín a chéile; cíor thuaifeall; praiseach, ciotaíl; súchán
leite; mearúl; in a mess; confusion; tromach tramach

Tá sé in a fhudar fadar ó dúirt tú é sin leis. Dheamhan a fhios aige in a luighe nó in a shuí atá sé, agus maidir le obair níl sé ach breath-nú uirri. D'agródh Dia ort a bheith ag cumadóireacht do dhuine bhocht ar bith mar sin /[Seo, eirigh as! Níl tú indon é a dhéanamh. Tá sé in a fhudar fadar agad / Bhí an snáth in aimhréidh cheana ach dar fiagaí, is in a fhudar fadar atá sé anois ó chuir tusa do láimh ann. Seo! Tabh'ramsa é / Níl a fhios ag an bhfear céard atá sé a dhéanamh. An luaidreán sin a chuala sé faoin "dole", ghoill sé ar a intinn. Tá sé in a fhudar fadar]/ Ná bac leis an saoghal anois. Saol fudar fadar é. Is deacair é a bharraíocht ar chaoi ar bith / Déanfaidh siad fudar fadar den duine bocht, má shuíonn siad in a bhun mar sin. Nuair nach mbéarfadh sé greim cinc muiníl ar bheirt nó ar thriúr aca, agus a ndruim a bhriseadh amuigh faoin tsráid! / An bhfaca tú M. B. ag caitheamh crainnte ar an bhfeamainn an lá sin? Ba iad na crainnte ba bharúla iad a chonnaic mise ariamh. Bhí siad in a bhfudar fadar ceart aige as a dheireadh /[Chuaigh sé ag comhaireamh gaoil — ag innseacht cén gaol atá ag J. Mh. le M. N. — agus thosaigh muid fhéin ag séideadh faoi, agus ag rá gur mar seo agus mar siúd a bhí sé. Bhí an gaol in a fhudar fadar ar chaoi ar bith]/ Tá an roillig sin as compás ar fad. Níl a fhios ag aonduine cáil a dhuine fhéin curha inti anois. Tá mapa aige ach is mapa bréagach é. Tá sé sin ar nós an fhear fadó a chuaigh ag roinnt na talúna. Rinne sé fudar fadar dhó as a dheireadh. /[Tá fudar fadar déanta agad den scéal. Ní mar sin a bhí sé chor ar bith. Nach breá nach n-innseóchthá ceart é, ó a chuaigh tú dhá innseacht chor ar bith. / Rinne sé fudar fadar críochnaithe den leitir a bhí sé a scríobh-adh. Deir sé fhéin gurb é an gleó a chuir as a bhuille é, ach sílimse dheamhan leitir ar bith atá sé indon a scríobhadh, ach go leigean sé air fhéin go bhfuil]/ 'Ar ndó' ní dhéanfadh sé fudar fadar den chruach, dhá mbeitheá-sa gan a leigean suas uirri beag ná mór /

For-: réimír: roimh ainmfhocla agus aidiachta, aidiacht-bhriathar etc. (: fuar: fúar an fhuaim atá air, agus is cosúil gur "fuar-" ó cheart é i gcuid de na focla).

For-ainm (fuar-ainm an fhuaim) = leasainm a thiúrfaí ar dhuine de bharr tréith cholna nó méine, nó seilbh nó áit chomhnaí nó a leithide; athrú ar a ainm nó ar a shloinneadh; leas-ainm.

Sén fuar-ainm a thugas siad air annseo Seán Basach / Níor thug muide d'fhor-ainm ariamh air ach Tomáisín na nGága /[M'anam dhá dtugtá a ainm agus a shloinne timpeall annseo air nach mbeadh a fhios aca cé a bheitheá ag rá. Beairtlín na Haille atá ag chuile duine san áit seo air / Níor chuala mise d'fhuar-ainm ariamh air ach Éamonn na hAbhann. Ag saghdadh na habhann a chaith sé a shaol]/ "An bhfuil a fhios agad, cá gcomhnaíonn Lorcán annseo", adeir sé. "M'anam nach bhfuil a fhios", adeirimse, "mar nach bhfuil a leithide ann". "Tá muis", adeir sé, "ar na mbaile seo thiar". "Lorcán ar an mbaile seo thiar!" adeirimse. "Má tá is ingan fhios domsa é. Le uair an chloig a tháinig sé ann. Tháinig mise anuas thríd an mbaile sin anois le ualach móna agus … ". "Laurence Conneely", adúirt sé. "Tá a leithide ann", adeirimse, "ach dar sliabh má tá Lorcán air, is for-ainm air é" [níor mhar a chéile dar leis "Lorcán" agus "Laurence"] / Seán Ó Curraoin a ainm agus a shloinne ó cheart. Sin fuar-ainm: Seán Ó Márta. As a mháthair a mhainíos (: a ainmníos) siad é. / Ní fuar-ainm ar bith é sin le tabhairt ar aonduine: an t-Art. Nach maith éascaidh leat fogha agus easbaidh a bhaint as duine /

For-chasán = Ainmfhocal = réidh-chasán: bealach buailte thrí sliabh nó go dtí tamhnach shléibhe, ach gan aon-bhóthar ná b'fhéidir sean-bhóithrín fhéin a bheith ann; casán go dtí tobar, nó go dtí do chuid talúna thrí cuid duine eile

; sórt "right of way".

Ní bhíodh bealach ag aonduine go dtín a chuid talúna fhéin shul má "stripeáileadh" an talamh. B'fhéidir gurb é an chaoi a mbeadh garraí agamsa istigh i lár do roinne-sa. For-chasáin ar fad a bhí ann. Ní fhéadfása mé a bhacadh faoin a dhul san bhfor-chasán sin in a dheidh sin /[Tá for-chasán isteach ann chuig an tobar. Diabhal duine a bhac sé ariamh faoin a dhul ann. Níor mhiste leis dhá mbeitheá gan an sceach a chur san gcéim go deó. Ach ní hé sin den bhrúisc de chliamhain isteach seo aige é. / Chonnaic mise for-chasán ariamh annsin ag muinntir an leath-bhaile thoir, nuair a bheidís ag feamnadh as a gcuid fhéin den chladach. Bhíodh cead aca an bhearna sin atá le Garraí an Chladaigh aige a leagan amach ar an dúrlinn. Is cosúil go bhfuil rún aige seo a gcoinneál as, má fhéadann sé. Is gradha an scéal é má fhéadann agus iad ag dul ariamh ann]/ Níl bóthar ná bealach ann ach for-chasán ar an gcriathrach mór. Tá an tamhnach sin thart cheal bóthair. Nach h-iontach nach ndéanfaí bóthar dóibh /

For-allas (: ?Fuar-allas): Ainmfhocal: allas a thiocfadh leat le scannra, nó le náire nó cuthaileadas nó a leithide. Ní hé an t-allas é a chuirtear le saothar.

Rinne gruaig mo chinn slatachaí, agus tháinig an for-allas amach thríom. Meastú nach ainsprid eicínt — i bhfad uainn an anachain! — a bhí san rud a chonnaic mé? / [Bhí an sonnda róm ar an mbóthar, agus leithead an bhealaigh uilig ann. Chlaon mé fhéin. Tháinig an fuar-allas thrí mo chraiceann. Bhí mé ag creathadh le faitíos / Bhuail an oiread náire mé agus go dtáinig an for-allas liom]/ Nuair a chonnaic mé t'aona hairt ag teacht le lom, tháinig for-allas liom. Bhí mé ag

déanamh cnaipí mar shíl mé nach raibh an cur leis ionad, agus 'ar ndó' bhí mise feidhearha / Bhí mé ag dórtadh allais: for-allas. Shíl mé dheamhan greim a d'íosfainn go brách. Sin í an fhírinne. Bhí mé lionnraithe /

For-chruit: diuc: gioc: cruit nó dronn mar a chuireas duine, bó, gamhain, gadhar air fhéin scaití: dhéanfadh beitheach leis an bhfuacht é, nó duine "shrugging his shoulders. Duine nach mbíonn aon-chruit orra ó bhruínn, teagann fuar-chruit orra scaití, dhá mbuaileadh aon-cheo damáisteach san druim iad — galra ná eile.

An bhfeiceann tú an ghiuc atá air. Tá fuar-chruit air le teann truailleachais / An giocachín bocht, is gearr an bás uaidh. Tá sé dhá chailleadh fhéin ag obair agus ag luainn droch-laethanta. Nach shin for-chruit ar fad air / Tá an madadh ag cur fuar-chruit air fhéin le sámhas. Airíonn sé go bhfuil a dhóthain ite aige anois / Tá fuar-chruit ar an duine bocht ó bhuail an rud sin é. Deir an dochtúr gur fabhtach atá cnáimh an droma, agus go bhfuil sé ag liocadh isteach. Céard a dhéanfadh é sin? Eiteann meastú? … Is gearr a mhairfeas sé agus an deis siúd air / Diabhal mé go bhfuil an gamhain sin thuas sucha isteach i lúibinn an chlaidhe, agus fuar-chruit air. Shílfeá nach gaimh atá san aimsir seo, le go mbeadh sé ar an gcaoi siúd. Tá sé réidh, hébrí céard atá air. Níl aon-luighteamas aige len a chuid a ithe ach oiread /[An bhfuil guróir ar bith is mó ná í. An lá is breácha san mbliain, istigh ar an teallach a gheobhfá í scarha ar an tine, agus fuar-chruit uirri. Mo choinsias sea. Is deacair a bheith ag iarraidh maitheasa uirri sin]/ Chuir sí for-chruit uirri fhéin tae' istigh (taobh istigh) de chúnntar, nuair a d'iarr mé na "fags" uirri / Rud ar bith nach dtaith-neóidh leis, feicfidh tú é ag cur fuar-chruit air.

Tá go leór bealaigh beaga den tsórt sin leis. Sin í an onóir chreidim! / Diabhal a bhfaca mise ann ach daigéad de chut ar an teallach agus fuar-chruit air. Shílfeá gur ag brath air mé a ionnsaí a bhí sé; dhá gcuirinn araoid ar bith air / Tá sé (madadh) ag cur fuar-chruit air fhéin anois ó thosaigh tú dhá shlíocadh. Ní hé a shlíocadh a dhéanfainnse muis ach an bhróig a thabhairt ar an tsráid dó /

For-nimhe (: fuar-nimhe): Ainmfhocal: fireann: máirléir nó seacadh a dhéanfadh do lámha, do chosa nó ball ar bith dhíot leis an bhfuacht. Teagann sé go minic sna méarachaí.

Tá fuar-nimhe in mo mhéarachaí. Dhá bhfáinn Éire bronnta orm, ní dhéanfainn crúibíní (cuit) anois / Níor mhór dhuit lámhainní a chur ort. Déanfaidh do lámha fuar-nimhe ar an "mbicycle" / Chaith sé an oíche sínte ar an mbóthar. Rinne méarachaí a chosa fuar-nimhe, agus d'fhan siad go dona go ceann fada. Dheamhan mogall a bhí ar a lámha / Is aisteach an áit le fuar-nimhe a theacht ar dhuine é, ach dar Dia sén áit a bhfuil sé ormsa anois isteach i m'imleacán. Tá an scéal maith go leór, mara smeara sé suas in mo chroí / Ní in mo lámha amháin atá fuar-nimhe. Dheamhan orlach bacaird in mo chorp nach bhfuil sé / Seo í aimsir an fhuar-nimhe. Tá mé seacáilte i gcaitheamh an lae / Chuirfeadh an ghaoth sin fuar-nimhe san éan aille. A dhiabhail tá sí an-tollta / B'éigin dóibh an lá a chaitheamh dhá chuimilt. Bhí sé strumpha ó ladhaircín a choise go dtí uain a chinn. Ba bheag an dochar dhó fuar-nimhe fhéin a bheith ann agus é caite ar an mbóthar i gcaitheamh na hoíche, agus sioc ann a ghabhfadh thrí chlár daraí. I bplaic a thóna, adeir siad, an chéad-áit ar airigh siad teas aríst /

For-dhóite (: fuar-dhóite) = Aidiacht-Bhriathar: ruadh-dhóite;

screamhóig nó cnáimhín bheag dhóite a bheith ar rud; gan an dó ag teangmhachtáil le rud ach ar éigin.

Tá an cáca seo for-dhóite. Nach diabhlaí nar thapaigh sib é, agus cuingir agaibh annsin ar an teallach agus gan tada eile ar ur n-aire / Tá an leabhar fuar-dhóite. Dheamhan dochar ann. Níl uirri ach an méid sin. Marach cho maith agus a d'oibrigh mé, bheadh sí in a caor /[Shílfeá go bhfuil fuar-dhó beag ar a leiceann. Chuile sheans gur san ngríosa(igh) a chaith sé sin an oíche. Nach bhfuil a fhios agad go maith go raibh sé sin dallta ar meisce / Tá sciathán na circe fuar-dhóite. Múinfidh sin aríst í gan a bheith ag déanamh aithgiorra thríd an tine / Chuaigh an teach thrí lasadh as a chionn. Amach i bhfuinneóig i mbarr an tí ab éigin dó a dhul. Dheamhan scríb bhisigh a d'eirigh dhó — míle buíochas le Dia — cé's moite go raibh a mullach fuar-dhóite ar éigin. Bhí an t-ádh air ar chaoi ar bith, bhí sin /

For-chraiceann (: fuar-chraiceann): Ainmfhocal: an scamall is fuide amach de leathar na colna; an craiceann amuigh atá ar shlait an duine. Tugtar ar chupán na súile freisin é scaití; nó ar an scamall craicinn a theagas ar lot nó ar ghearradh

Tá an for-chraiceann ar fad sceite de mo lámha leis an obair sin. Tá a fhios ag mo chroí gur meata an obair í / Gabh i leith annseo. Céard atá ort? Is beag an rud atá tú a fhuasaoid. 'Ar ndó' níl tada ar an láimh sin ach go bhfuil rud beag den fhuar-chroiceann tóighe dhi. Ná bí dhá cuimilt, nó cuirfidh tú chun óthrais í /[Shílfeá go bhfuil for-chraiceann ag teacht ar an lot sin. Tá agad anois le cúnamh Dé. Ó atá sé ag tosaí ag cneasú chor ar bith ní bheidh aon-mhoill air]/ Tháinig scamall beag fuar-chraicinn san áit a raibh an nioscóid, ach níor dhún sé ar fad, agus rinne sé an-fheoil in a bhéal aríst. Chuaigh me chuig an dochtúr leis gur lannsáil

sé é, ach ba bheag an mhaith sin. Marach an luibh a bhain N. R. dhom, bhí mo chosa nite / Ná bíodh faitíos ort! Is gearr go dteaga ath-chraiceann uirri (: an chos) i leabaidh an fhor-chraicinn sin atá imithe dhi. Níl aon-dochar inte ar aon-chor /[Dúirt an dochtúr nach raibh tada ar an amharc agam, ach gur ar fhor-chraiceann na súl agus ar na foraí a bhí sé. Tá sí an-tinn]/

For-chneasú: Ainm bhriathar, Ainmfhocal Fireann: cneasú beag; tús cneasaithe; i mbéal cneasaithe.

Tá an an-fheoil imithe aisti anois. Sílim go bhfuil for-chneasú uirri / Tá fuar-chneasú ar mo láimh ó inné. Tá deireadh an ábhair aisti /[Bhí for-chneasú ar an ngearradh sin nó gur ghortaigh mé aríst é. Is measa é anois ná ariamh. Tá mé den tsaol aige le pian]/ Níl mo chluais cneasaithe amach agus amach fós, ach tá for-chneasú maith uirri. Airím an-tochas inti anois. Sin é a d'innseódh go bhfuil sí ag cneasú nach hé? Shaothraigh mise í sin /

For-íseall (: fuar-íseall): aidiacht: íseall nó bun-íseall, nó íseall go maith.

Tá glór fuar-íseall aige = glór neamhaí; glór gan aon-bhrí ná aon-spreacadh / Labhair sé cho for-íseall agus nach bhfuil a fhios agam ó Dhia anuas céard adúirt sé / [Breá nach n-abrochthá do chuid cainte amach agus gan a bheith cho fuar-íseall. Shílfeá gur dhá cangailt agus dhá comh-changailt atá tú … Ach feacha aríst é! Ar an gceird cheanann chéanna. Is gearr go gcaifidh duine a chluais a bhualadh isteach le do bhéal]/ Teach fuar-íseall é. Leagfá do láimh ar an bhfragh ann gan stró ar bith /

For-sceirdeach: For-sceirdiúil: For-scéirdiúil, for-sceird etc.
Aidiacht, Ainmfhocal = áit ar aghaidh na riteachta mar a bheadh binn shléibhe ann,

nó oileán árd san bhfarraige; áit ar bith atá binntséidiúil, lom nó go dona nó aistreánnach.

Tá an cladach sin thíos for-scéirdiúil = cladach lom rite é, gan aon-fheamainn air / Níl gnatha ar bith agaibh a dhul ar an mullán sin. Tá sí fuar-sceirdeach. Níl dosán feamainne uirri / Tá barr an bhaile seo fuar-sceirdiúil. Níl ann ach talamh garbh agus clochair /[Tá mé ag ceapadh nach mbeadh sé inrásta ag duine ar bith comhnaí ar na cnoic fhuar-sceird -eacha sin. Nach shin iad a mullaigh istigh san aer. Diabhal tada a bhíos orra sin ach gabhair / Nach caillte an áit ar phós sí isteach ann: tamhnach fhuar-scéirdiúil annsin thuas i lár an tsléibhe! Cén bhrí ach an spré a fuair sí sin! / Ní fhásfadh an crann fhéin ann. Binn shléibhe é, agus tá mé ag ceapadh nach bhfuil aon-áit eile in Éirinn is fuar-sceirdiúla ná é. Tá sé i lár na riteacht' críochnaithe]/ Is fuar-sceirdeach an áit é an portach ar an gcreatalach seo. Dhá mbeitheá thuas ar an easca siúd inniu, bheárrfadh an ghaoth seo thú ann. Tá mé crapha as, míle buíochas le Dia / Fuar-sceird chríochnaithe í an roinn talúna sin thiar aige. Breaclach bhradach gan fascadh ná dídean. Ó diabhal fód ag gabhail léithi ach leic. [Dhá gcuirtheá slat ar an tír déarfainn nach bhfuightheá aon-ghiodán eile is maolscreamhaí ná é sin. An bhfuil a fhios agad cén t-ainm a thugadh N. Th. go ndéanadh Dia grásta air uirri: garrantaí dóite na míola críonna. B'fhíor dhó / Is olc an áit í an fhuar-scéird siúd thíos inniu ag duine dona. Dhá dtapaíodh sib ur ngnatha ar an rabharta deireadh, bheadh fuílleach feamainne agaibh, thara's a bheith ag screamhaireacht ar na clocha siúd inniu, agus nach mbeidh gabhail ascaille dhá mbárr thar éis ar n-anró]/ Is mór is fiú dhuit a bheith dealaithe aníos den fhuar-sceird sin ar chuma ar bith agus gan sáile a bheith dhá bhualadh san smut ort chuile lá san mbliain. Muise narbh aibéiseach an fear a chuimhnigh ar theach a dhéanamh ann an chéad-lá ariamh. Ach diabhal a raibh de neart aca

air chreidim san am sin. Bhí an saol go dona, agus dhéanfaidís bráicín in áit ar bith ba túisce aca / Ar fhuar-sceird atá an teach aige, agus tá fuagairt na gaoithe ceart ann. Nach diabhlaí nach síos san ngleann ar an bhfascadh a rinne siad é /[Baile an-fhuar-sceirdeach é seo. Ní fiú do sheacht mallacht a bhfuil de thalamh ann. Dhá mbeadh a bhfuil de thalamh réidh istigh ar a fhuaid ag aonduine amháin ghabhfadh sé sách rite leis a dhíol talamh cuir a fháil ann in a dhiaidh sin. Cén bhrí ach deich dteallaigh faoi mar atá sé?]/

Forloch (: fuarloch): Bog-Fhorloch: Ainmfhocal: Fireann = abhainn, claise, sruthán, díoga, loch, tobar, an fharraige etc. sceite amach in a lochán nó in a thurloch ar an talamh; scáird mhór ar bith. gailige sruth; sruth mór in abhainn nó i sruthán etc; loch nó tuile liaga bháistí

Tá fuarloch deanta aige de bharr na hoíche aréir = an-scáird bháistí. / Déanfaidh sé forloch anois. Ní iontas ar bith é, má níonn fhéin agus cho seasta agus a bhí an aimsir leis an fhad seo. Cothromacan síne a mhic ó! /[A dhiabhail tá fuarloch caite aige scáth an t-achar a mhair an ráig sin. Ach shílfeá gur as béal soithigh a bhí sé dá caitheamh, chomh uain's a bhí sí ann / Ba dona a chruthaigh tú nachar fhan thiar. Ní raibh tú ach imithe go díreach nuair a tháinig T. Th. isteach, agus bhí fuarloch pórtair ann uaidh sin amach / Tá an garraí siúd thíos snámhta ar fad. Tá fuarloch ar an gcúl thoir agus ar an gcurrach láir = é sceite; tuile air]/ Tá an fuarloch annuas san gclaise sin thoir. Má níonn sé aon-deóir eile anocht, scéifidh sí amach ar an fataí. Is beag an dochar di fuarloch fhéin a bheith inti, agus a bhfuil d'uisce ag teacht uirri: uisce dhá bhaile / Tá fuarloch ar an mbóithrín annseo thíos. B'éigin dom timpeall a chur orm fhéin siar an garraí le theacht abhaile, arae níl díon deóir in mo bhróga / Tá fuarloigh móra ann de bharr na hoíche /

Chaifeadh sé go bhfuil fuarloch déanta aige (báisteach). Feicim an garraí sin thoir faoi uisce ar fad /[Séard a theastódh an tóchar siúd a leagan agus a aithdéanamh as éadan, agus comhla a chur leis. Níl aon-uair dhá mbíonn rabharta ann nach mbíonn an súiteán aníos faoi, agus ní fhéadann sé a dhul síos arís, agus déanann sé fuarloch amach ar an ngarraí / Tá an abhainn an-mhór anois. Is corr-uair a d'fheicfeá fuarloch anoir ar shrathachaí T. Mhac C., agus tá siad faoi uisce ar fad. Chuaigh mé thart an bealach sin inniu]/ Tá bog-fhuarloch san gclaise seo thiar = sruth maith nó gailige sruth, nó tuile a bheadh cab ar chab le na bruacha, ach ní móide go mbeadh sí (an chlaise, an abhainn etc.) ag cur thar béal, nó dhá mbeadh gur beag é / Rinne sé scáird mhaith bháistí le cupla lá. Tá bog-fhuarloch san Sruthán Mór /[Ní fhéadfaidh tú móin a chur aniar annsiúd gan tóchar a dhéanamh ar an bhfiodán. Nach bhfuil a fhios agad go bhfuil bog-fhuarloch ann anois, agus na tuiltí a chaith sé le seachtain / Gabhfaidh bradáin suas ar an mbog-fhuarloch seo / Tá bog-fhuarloch deas san abhainn inniu. Theastaigh sin uaithi. Dhá seasadh an triomach seachtain eile, diabhal an sdriog a bheadh inti. Meastú nach ndeachaidh mé treasna tirm ag bun na habhann arú aréir!]/ Diabhal mé go ndeárna sé bog-fhuarloch as an múirín gréine sin. Ach deir siad gurb é an múirín gréine an múirín is déine ar bith / Deir tú leis an mbaile se'againne a raibh bog-fhuarloigh ann inné, agus gan deóir ar bith agaibhse. Nach leatromach a chaith sí í! /

For-leac: Ainmfhocal: Buineann = leacrachaí nó clocha a bhíos faoin bhfarraige ar an stupóig nó scaití ar an nglan freisin, agus gan feamainn ná slata mara ná aon-cheo mar sin orra; deir-tear freisin é leis an áit nach mbíonn ach corr-leac anonn agus anall /.

Níor thug muid an bord linn amach ach cho fada lena fuar-leachrachaí. D'fhill muid ar ar n-ais arís. Ba choiphe linn a bhí an fharraige / Céard a bhéarfadh carraigín ar an leic sin. Diabhal é

ach an oiread agus atá ar phlait Mháirtín Ch. Is fuar-leic í /[Tá go leór fuar-leacrachaí annsin amach idir an salach agus an glan agus níl fúinín feamainne orra. 'Ar ndó' i mbéal an chladaigh se'againne a chasfaí iad! / Tá fuar-leacrachaí annsiúd ar an scóthach amach ó mháithreachaí na coirrlí agus tá siad cho lom le croí do bhoise. Tá mé ag ceapadh nach lonnaíonn an breac fhéin in a dtimpeall]/ Tá fuar-leac anonn agus anall ann = corr-leac [b'fhéidir go n-abraíthear mar seo de bharr nach mbíonn na fuar-leacrachaí an-tréan nó b'fhéidir gur "fó-leac" ó cheart an chiall dheireadh seo. Tá fó- imithe as an gcaint nó indáil leis].

Fuar: Réimír Aidiachtach: Aidiacht.
Fuacht: Ainmfhocal Fireann (: Geiniúnach Aonda: an fhuaicht).
Fuaireadas: Ainm-fhocal; Fireann
Fuaraíocht: Ainmfhocal; Buineann
Fuaireacht: Ainmfhocal; Buineann
Fuachtán: Ainm-fhocal; Fireann
Fuarlach: Ainmfhocal; Fireann
Fuarú: Fuaraíonn etc.: Ainm Bhriathar: Briathar.

Fuar etc.: cotarsna "te"; gaifeach; feannte; amh; strompha; seacha etc.

Fuar-: Réimír Aidiachtach.
Fuarfháilteach: Aidiacht (: fuarfháilte: Ainmfhocal): neamh-spleódarach; doicheallach; neamh-shúáilceach etc.

Nach hé a bhí fuar-fháilteach linn = doicheallach; gan aon-fháilte a chur romhainn ach fáilte fhánach /[Is fuar-fháilteach an áit a dhul isteach chuici siúd, mara bhfuil pócaí teanna agad / Diabhal teach ariamh a raibh mé is fhuarfáiltí ná é. Ar éigin a d'osclóidís a mbéal leat / Sin í fhéin an fhuar-fháilte a chuirfeas sé sin roimhe aonduine. Shílfeá gur mór leis duine ar bith a bheith ag tarraint aige. Mara faitíos don inín atá air!]/ Ná bac le fáilte a bheith roimh dhuine soir sna bólaí sin! Dheamhan fáilte muis ach an

fhuarfháilte / B'fhearr do dhuine gan fáilte ar bith a chur roimhe ná fuar-fháilte mar sin. Is breá an rud do dhuine a bheith croithiúil ar aon-chor /

Fuar-chosach: Aidiacht: mí-thaithneamhach; diúltach; dúnárasach, neamh-fháilí.

Tá sé mar sin, ach diabhal a fhios agam in a dhiaidh sin. Tá bealach fuarchosach eicínt leis nach dtaithneódh liom / Droch-rath an diabhail air agad! Ní raibh aon-ghean ariamh agam air. Duine fuarchosach é. Ní luighfeadh mo chroí go deó leis /[Shílfeá go bhfuil sí an-lách ach ní bhfuighinnse aon-tsásamh uirri in a dhiaidh sin. Chíotar dhom go bhfuil sí ro-fhuarchosach. Chaithfeá a bheith san áirdeall ort fhéin igcomhnaí léithi. Níl sí fáilí mar a bheadh duine eile. / Ná buail bleid chainte ar bith air sin. Ní mó ná go dtaithníonn sé chor ar bith liom. Tá sé ro-fhuarchosach, agus an sean-dall glic fhéin, ní dhéanfadh amach cén bealach atá leis. Ach tá a bhealach fhéin leis deirimse leat!]/ D'fhan sé annsin teáltaithe agam chois an teallaigh, agus gan smid ná smeaid aige ach an oiread agus dhá mbeadh sé gan aon-teanga a bheith in a phluic. B'fhada liom go dteagadh duine eicínt. Chinn orm aon-fhocal a bhaint as. Bhreathnaigh sé ar an gclog faoi dheireadh. "Tá sé an am baile", adeir sé. Níor dhúirt mé fhéin go raibh nó nach raibh. Is mé a bhí sásta gur chrap sé leis. Sé an fear is fuarchosaí dhár shuigh ar mo theallach ariamh é / Dream fuarchosach mar sin ar fad iad. Níl súáilce ná laethúlacht dhá bhfaca tú ariamh ionta]/ Diabhal mé gur bean bhreá í, agus má sea fhéin, ní fheicim go mbíonn spéis ag aonduine inti. Tá sí ro-fhuarchosach ar chaoi eicínt /

Fuarchúis: Ainmfhocal: Buineann: fuarchúiseach: Aidiacht.
Fuarchúis = neamh-spleódar; doicheall; fuarfháilte; neamh-charthannas; neamh-tairbheach.

Is fuarchúiseach an áit é an S. ag duine nach bhfuil aon-airgead aige = ní chuirtear aon-fháilte roimhe ann, ná ní bhíonn aon-spleódar ag lucht na háite sin as / Is fuarchúiseach an áit é

seo ag pócaí falamha, arsa tusa. Fear gan airgead i mbaile mór, is olc an lón dó goile ghéar, adeir siad. / Siúl abhaile! Ní áit buaile ná sean-bhaile dhuinn é seo, feasta. Is fuarchúiseach an áit é ag an té nach bhfuil aon-tsuim aige i ndamhsa, rud nach bhfuil agamsa anocht /[Is fuarchúiseach an duine é sin faoin a chuid oibre = neamh-spleódrach; neamh-fhonnmhar / Déarfainn gur sách fuarchúiseach a chuaigh sé 'na' chladaigh inniu. 'Chuile cheird aige sin ach a chur ag feamnadh / Sin é an puicéara de shagart.
Is fuarchúiseach a bhreathnaigh sé orm nuair a thairg mé cróin dó / Bhí fáilte aige romhainn! Bhí muis! Tá an fhuarchúis ann mar a bhí ariamh, tá sineacht / Má choinníonn tú daba caite aige sin, beidh ómós duit, ach mara gcoinní, ní bhfuighidh tú uaidh ach an fhuarchúis. Mo leán géar thú!]/ Caifidh sib leigean den fhuarchúis sin más lib earrach a dhéanamh. Tá sé in am agaibh crudh a chur in a thosach, tá sin. Níl aon-fhód talúna socraithe agaibh fós i mbliana, agus an tír uilig ag dúchan /

Fuar-ghaoth: Ainmfhocal; Buineann = gaoth fhuar; beochan gaoithe; seada; fuarú gaoithe.

Tá sé in a fhuar-ghaoith aríst = seada nó beóchan gaoithe a d'eireódh thar éis cailm nó marfántacht / Dúin an doras sin. Tá fuar-ghaoth isteach ann / Shílfeá gur eirigh fuar-ghaoth anois le scathamh /

Fuar-bhruith: Fuar-bhruite: Briathar: rud a bhruifí agus a gheobhfadh cead fuaraithe ar ais aríst.

Ná hith na fataí fuar-bhruite sin nó go dté mé san ngríosach iad / Tá feóil fhuar-bhruite annsin thuas má tá aon-tsaint agad inti / Ar fuar-bhruith is fhearr liomsa an fheoil sin.
Bíonn sí ro-oiltiúil ar a tógáil as an bpota / Fuar-bhruite is fhearr leis an gceann seo an t-arán. B'fhearr liomsa as a theas é /

Fuar:

Tá an lá fuar = tá sé fuar = is fuar an lá é etc. / Tá an aimsir

bun-fhuar (rí-fhuar, an-fhuar, dubh-fhuar, fíor-fhuar, roinnt fuar, réasúnta fuar, sách fuar, buille fuar, an-fhuar go deó, etc) / Is maith fuar é inniu / Is breá fuar an aimsir í! / Tá an uair ag coinneál an-fhuar / Seasfaidh sé (an uair) fuar píosa eile sílim / Sé atá fuar (: an lá)! Ní iarrfá níos fuaire é! / Tá an tránóna ag eirí fuar / Beidh sé ag teacht fuar feasta = an aimsir fhuar ag teacht / Tháinig an bhliain an-fhuar / Tá an aimsir ag teacht fuar = is aimsir fhuar í / Shílfeá gur fuar leat fanacht amuigh ag obair / Ní ghabhfaidh mé 'nan phortaigh inniu. Is fuar liom é /[Tá tú cho fuar leis an sioc (le smut con, le tóin caillí an bás agus rl.) / Na trí rud is fuaire ar bith: smut con, deóir aille, agus tóin caillí / Tá sé cho fuar le deoir aille / Sin é an deoch a rinne maith dhomsa. Bhí sé cho fuar le deoir aille / Tá an lá inniu fuar thar an lá inné]/ Tá mé fuar ag an urlár sin = sén an t-urlár atá do mo dhéanamh fuar / Tá mo lámha fuar ag an ngaoith / Lá chascartha an tsneachta an lá is fuaire ar bith / Is fuar é a theallach ní dhá roinnt leis é = gan aon-tine; bánaithe; i léig / Tá an lá fionnuar / An braon is glaise fhuaire dhá bhfaca tú ariamh is as mo shrón-sa a theagas sé. Teagann braon cho glas cho fuar aisti le deóir aille. / Tá tú cho fuar leis an saol = an-fhuar / Tá mé fuar go smior (go croí, go bundún, go hanam, go cnáimh etc.) /[Is fuar an stiúir atá ort (is fuar an gothadh, an dreach, an chosúlacht, an tsrón, an ghoic, etc atá ort / B'fhuar an fháilte a chuir sé romhainn = bhí sé doicheallach romhainn; ní fáilte chroidhiúil a chuir sé romhainn / Is fuar an fháilte a bhéas roimhe annsin anocht muis / M'anam má theigheann tú go dtí iad sin agus do dhá láimh cho fada le chéile gur fuar an fháilte a bhéas romhat / B'fhuar a bheannaigh sé dom ar ball = níor bheannaigh sé dhom go súáilceach]/ B'fhuar a labhair sé ar an gcarr inniu liom. "Shíl mé go dtiúrfainn anoir ar feadh na seachtaine é", adeir sé, "ach bhí mo sheacht sáith le déanamh agam thairis". / Is fuar an éadáil a dhul ar cuairt annsin = áit fhuar é; ní bhíonn aon-tine ann etc. /

Is fuar an tsamhaoine a dhul ar cuairt chuige siúd / Lá fuar, aimsir fhuar, fataí fuara, currachaí fuara, faideógaí fuara, feiliún fuar, ballaí fuara, criathrach fuar, feoil fhuar, croí fuar, cosa fuara, tinneas fuar, uisce fuar, etc. / Lá fuar fliuch é / Is millteach an aimsir í le fearthainn agus fearagráin. Lá fuar deallraithe é an lá inniu aríst / Aimsir fhuar fheannta í. / Níor tháinig aon-oíche cho fuar ná cho feannta leithi ariamh déarfainn. Tá mé seacáilte / Tá feiliún fuar air (fc. feiliún) / Balla fuar atá sé a oibriú = balla fuar atá sé a dhéanamh = balla cloiche gan muirtéal ar bith a chur ann / Balla fuar cloiche atá san teach sin. Sean-teach ón díle é / Ní chlisfidh sé go bráth th'éis gur balla fuar é / Balla fuar chuile chloch ag gabhail leis an tsean-áitiú sin thiar, agus ainneóin sin, ní thuitfidh sé choichín. Ó, an dream a rinne na sean-áiteacha bhí a fhios aca le clocha a chur, ní hé sin do na saora atá anois ann é / Nach hé an balla sin atá teangmháilte fós th'éis gur balla fuar é. Ach dheamhan cloch ar a fhuaid nach bhfuil ar an scair. D'imigh an tsaoir-seacht ón am sin. Sén t-aol agus an muirtéal a mhill an saol. Cén bhrí ach an "cement" anois? / Tá fáideógaí fuara ag snámh ort as an tuí sin. Coinnigh i leith nó go mbaine mé dhíot iad (fc. fáideóg) / Fágfaidh an t-ól ballaí fuara aige = gan aon-tine a bheith aige = é a bhánú / Sí an bhean a d'fhága ballaí fuara aige. Ach is cóir adeir siad, gur bean tí shuarach a níos ballaí fuara = teigheann an teach i léig gan tine gan teas, gan rath gan ríocht, má bhíonn bean an tí go dona / Chuir sí de dhruim tí é th'éis cho te agus a bhí sé sin in a shuí shul má phós sé í. Ach sí an bhean tí shuarach a níos na ballaí fuara / Is geárr gur ballaí fuara a bhéas aige má thugann sé aonduine de na Fáthartaigh isteach (a phósadh). Ní raibh an sonas ariamh indiaidh a láimhe, ní áirím anois / Más leat ballaí fuara a bheith agad, fan ar an gceird a bhfuil tú! Déanfaidh tú bun mar sin! / Níl tada san lorgan sin ach carrachaí

fuara = léanaí talúna agus iad an-fhliuch as a mbun / Criathrach fuar é, agus níl fód láighe ann ach dóib thíos faoi / Is olc an dóigh fataí é sin. Talamh an-fhuar é. Níor mhór dhuit áit chineálta l'aghaidh fataí /[Talamh an-fhuar atá agam frén a chéile. Dhá mbeadh ceart ann níorbh fhuláir dó scráib aoil nó gaineamh griúáin nó rud eicínt a bhainfeadh an géireadas as / Taltaí fuara uilig atá suas annsin. Shílfeá nach hea nó go dteightheá ag pléidh leó, ach sea]/ Tabhair dóibh na fataí fuar = gan a mbruith nó a gcnag-bhruth = tabhair fataí fuara dóibh / Feóil fhuar, uisce fuar, bainne fuar, etc. = gan a mbruith nó a bhfeochadh / Ní thiúrfadh sé an t-uisce fuar duit dhá bhféadfadh sé = tá sé an-daoithiúil; níl einneach ar bith ann /[Fuair tú amach an té a mbeadh boignéis ann. Diabhal deoch den uisce fuar a thiúrfadh sé do dhuine ná cuid de thabhairt]/ Tá arán fuar annseo = arán fuar-bhruite. / "Arán fuar screamhach taosach" etc. = rann / Bíonn an tinneas fuar ar mo bhean. Ar éigin na gcor agus na gcnámh a sháraigh sí an duine deireannach cloinne a bhí aice chor ar bith (fc. tinneas) / Coinnigh deochannaí fuara leis. Dúirt an dochtúr gan tada a théamh dhó / Tá croí fuar aige sin = duine beag-thruaigheach é /[Tá croí aige cho fuar leis an gcloich. Sin é nach bhfuil an truaighe ann mo chreach mhaidne! / Míle buíochas le Dia nach bhfuil croí agam cho fuar agus atá agad-sa. Dhá mbeadh, b'fhearr liom san talamh ná beó / Fanadh cosa fuara amach = dream a thiocfadh ag bainis nó a leithide gan cuireadh]/ Ní féidir gur tháinig fear cho gnaoithiúil leis sin ann in a chosa fuara. D'imigh an diabhal air má tháinig / Cosa fuara a bhí frén a chéile ann. Bhí an teach ag cur thar maoil leó / Ní cosa fuara muid, ach sén dá mhar a chéile é. Ní bhfuaireamar ach cuireadh casáin / Nach beag beag an náire a bhí air a theacht anoir annseo in a chosa fuara. Fear ar bith a dhéanfadh a leithide de cleas, ní bheadh cuibhiúlacht ar bith fanta ann / Ba í an oíche a ndeachaidh

sé in a chosa fuara siar ar bhainis Sh. Mh. a ghiorraigh leis. Ní raibh aon-fhear san teach an oíche sin nar thug dual na druinne dhó. Má ba é S. Ó. B. féin é, bhí sé ag gabhailt air le leath-mhaide croise / 'Ar ndó' ní féidir droichead a dhéanamh de chosa fuara ná den ghiolla gan cuireadh ach an oiread leis an té a fuair cuireadh glan fiuntach. Má bhíonn fear ar bith ag roinnt óil caifidh sé gearradh éadain a thabhairt dóibh, bídís iarrta, nó ná bíodh / D'imigh an diabhal oraibh má chuaigh sibh isteach ag cuairt mhíosa ar bith in ur gcosa fuara. Tá sin mí-náireach ar fad / M'anam gur maith an mhaise dhó é. Dheamhan lá mairge air, ach an oiread agus a bhí in aois a dheich mbliana fichead. Caitheann sé fuar agus te ar nós chuile dhuine againn = itheann sé agus ólann sé an rud fuar agus an rud te, nó gnáth-bheatha; ní theastaíonn giollaíocht nó ceannsacht ar leith uaidh de bharr a aoise / Dhá gcloistheá ag uallfairt istigh ar an teallach é! Bhí mise ar an tsráid ó dheas agus mé ag éisteacht leis. "Níl mé indon te ná fuar a chaitheamh" adeireadh sé. Dóite ag ól a bhí sé 'ar ndó' / Dheamhan a mbeidh de chailleadh ort a fhad's atá tú ag caitheamh fuar agus te /[Níl an duine bocht indon fuar ná te a chaitheamh. Tá an ceann aníos air chuile phuínte. / Bhí mo chuid putógaí loische in imeacht seachtaine de bharr an phoitín. Ní raibh goir agam te ná fuar a chaitheamh. Ba bheag nar fhága sé ar lár mé]/ Más leat (más mian leat) a bheith buan, caith fuar agus te = más leat a bheith folláin nó fad saoil a fháil, caith gach cineál beatha: beatha fhuar agus beatha the cho maith le chéile / Shílfeá go dtéann tusa chuile shórt. Chuala mé ariamh é: más le duine a bheith buan, caitheadh sé fuar agus te / Ní mar sin a bhí sé bruite ná fuar = ní mar sin a bhí sé beag ná mór /[Deir tusa gurb é mac a deirfíre a chuir an bhail sin uirri. Ní hé muise. Ní mar sin a bhí an scéal bruite ná fuar. Ach b'ise a thug isteach mac na deirfíre agus annsin … / An luighe atá tusa a chur air, is mian leat an ceann trom den mhilleán

a bhualadh thall ormsa. Mar dhóigh dhe gur mise a d'áitigh i dtosach é! Ní mé muis. Ní mar sin a bhí sé bruite ná fuar / Thug sí a dearg-éitheach ó a bhain sí asam é. Ní shin é an t-údar bruite ná fuar. Nach maith a chaifeadh sí streille a chur ar an scéal anois. Dheamhan a bhfaca mé ariamh fhéin í, nach mbeadh agús aice is chuile shórt. /[Tá sé breá go leór agad a bheith ag caint anois, ach ní mar sin a bhéas sé bruite ná fuar adéarfainnse. Ach a dteighe tú i láthair na cúirte annsiúd … / Teach fuar falamh é anois = bánaithe bochtaithe / Tá sé fuar falamh, an duine bocht, ó chuaigh sé ag obair ar a aghaidh fhéin / Ní féidir olann a bhaint de ghabhar. Is olc an té a dtáinig tú chuige in do chall. Tá mé fuar falamh a stór: cho feidhearha leat fhéin / Nach hiomdha port croithiúil a daimhsíodh ann ariamh, agus feacha cho fuar falamh agus atá sé inniu = teach bán / M'anam nach bhfuil locht ar bith ar an scéal má tá sí indon beatha a bhaint as a crága. Mara mbaine ní hé siúd a shaothrós di é: fear fada fuar falamh, mar adeir an bhean fadó. Nach cunórach anois é, ag dul ag pósadh, agus gan slí ó neamh aige le bean a chothú?]/ Is deas é mo gheóisteamán! Fear fada fuar falamh. Dheamhan luach a shuipéir aige siúd. Cá bhfuigheadh sé é. Ní hé atá ag déanamh imní dhó / Is fuar an rud cliú gan chuid = gan tairbhe is fuar í an chliú = is fuar an rud cliú gan tairbhe /[Cailín beag cuibhiúil í, nach bhféadann aonduine aon-cheo a rá léithi, ach a bhfuil an cur leis inti? Is fuar an rud cliú gan chuid. Agus deir siad dhá mbeadh spré ag an gcut gur deas lách a phósfaí é]/ Tá an chaint dhá dhéanamh faoi, agus aithne air is chuile áit, ach is beag an mhaith dhó sin, más ar thóir mná atá sé. Is fuar an rud cliú gan tairbhe, adéarfadh na sean-daoine / Is fear faillíoch fuar é = fear siléigeach gan cuid ná maoin aige / Dar sliabh muis is olc an díthriúch d'fhear atá sí a fháil másin é

anois é. Fear faillíoch fuar é. Ní fhaca mé aon-smais ar a garraí aon-lá ariamh / Deir siad nach mórán gaisce iad na Spáinnigh sin faoin gcreideamh. Tá siad faillíoch fuar. Sin é an chaoi nuair nach mbíonn cómhrá Dé sách solasach in intinn duine /[An té atá faillíoch fuar faoin Aifreann sin é do dhóthain. Is ionann agus a rá nach bhfuil aon-chreideamh aige / Is fuar fánach ón gceann céanna tada a dhéanamh. Ar nós chuma liom i gcomhnaí. Níl dúracht ar bith ann]/ B'fhuar fánach a bhí sé dhá thógáil ar aimsir. Shílfeá gur thob ann agus thob as a bhí aige. 'Ar ndó' níor mhilleán air sin, agus an reanglachán a bhí as a choinne. Reanglachán gan fuinneamh gan fáscadh / Cén talamh atá aige anois, fiafraím díot? Eascaí fuara agus cíocraí. Cáil an talamh cuir? / Tá sé fuar préachta = an-fhuar (duine, beithioch, rud len ithe, lá, etc.) / Tá tú fuar deallraithe / D'ith sé na fataí fuar beithioch = amh = gan bruith ná eile. / Thosaigh sé ag slamairt na feóla fuar beithioch. Sin é an fear a bhfuil an coimpléasc aige! /[Diabhal feochadh ná deide a thug sé siúd ar na huibheachaí ach a n-ithe suas fuar beithioch. Is fear folláin é. Dearfaidís nach bhfuil léigheamh ar bith ar uibheachaí fuara mar sin / Is minic ariamh a d'ith mé fuar beithioch mar sin iad. Nuair a bhíodh muid ag teacht abhaile ó oícheanntaí ceoil fadó dhéanadh muid maolabhrach ar gharraí turnapaí eicínt, agus diabhal blas nuair a bhíodh fuireann mór againn ann nach dtarraingíodh muid cion iomaire aca! Is muid a phlacadh go súite iad. Ach níl aon-fhiacail agam anois]/ B'fhearr liomsa a bpiocadh (faochain) agus a n-ithe fuar beitheach ná a mbruith. Ní bhíonn blas ar bith orra bruite feicthear dhomsa / Tá an tae fuar beithioch anois nuair nar eirigh tú nuair a blaodhadh ort. Sin é an gléas ort / Bíonn na fataí fuar beithioch chuile oíche nuair a theagas tú ó chuairt. Breá nach dteagann tú in am = fuaraithe /

Fuacht

Tá mé caillte (seacáilte, giongach, préachta, scrúdha, éagha, deállraithe etc.) leis an bhfuacht (ag an bhfuacht) / Tá fuar nimhe orm leis an bhfuacht / Tháinig márléir orm leis an bhfuacht / Tá mé ag eitealla leis an bhfuacht / Níl fanacht in mo sheasamh ionam leis (ag) an bhfuacht / Tháinig bualadh draidín (: gioscán fiacal, bualadh fiacal) air leis an bhfuacht / Tá mé den tsaol leis an bhfuacht / Féach "an spideóig" atá air leis an bhfuacht / Tá mé ata ag an bhfuacht / "Lá Fhéile Fionnán Fionn a roinntear an fuacht etc. (fc. "Fionnán") / Tá marfacht in mo mhéarachaí leis an bhfuacht / Tá fuacht ann inniu = tá sé an-fhuar inniu / Tá dubh-fhuacht (: an dubh-fhuacht, an-fhuacht, fíor-fhuacht etc.) ann inniu. Tá mé féin giongach (: giogach) leis an bhfuacht /[Déarfá go bhfuil fuacht san lá inniu, ach níl aon-fhuacht le hais an lae inné / Is beag a fhuacht atá san oíche anocht chor ar bith / Nach beag a fhuacht é, agus corraí amach anocht! / Is diabhlaí beag a fhuacht thú agus bóna do léine oscailte mar sin agad a leithide de lá. Bruth óil atá ort ab ea / Ba bheag a fhuacht an tseachtain seo caite chor ar bith, ach déarfá go bhfuil gaimh sna laethantaí seo / Tá gaimh-fuacht san oíche anocht = fuacht géar]/ Níor airigh mé aon-ghaimh-fhuacht san ngeimhreadh fós go dtí tránóna anocht. Is geárr uaidh cruas déarfainn / Bhí gár-fhuacht ann ó mhaidin = fuacht gárha = an-fhuacht go deó / Tá gár-fhuacht ann anocht. Scráib shneachta atá air. Go dtuga Dia dhó! Sé a bhainfeadh an fuacht cráite seo as an aimsir / Tá marbh-fhuacht in mo lámha = márléir nó fuarnimhe nó ná lámha a bheith ag at le fuacht / Coinnigh leat na crúba sin. Tá marbh-fhuacht ionta. Dar brí an leabair ní fuláir duit a bheith ag cur na n-aiséadaigh faoi réir agus do chonra dhá déanamh, mar sé fuacht an bháis atá ort go siúráilte! / Tá na crúba seacha ag an donán bocht. Bhí marbh-fhuacht ionta ar a theacht ón scoil dó /

Marfacht fuaicht uilig atá in mo chosa / Ar chuala tú ariamh é ritheann braon le bolg lán. Ach an rud a mbíonn ocras air bíonn fuacht air. Tabhair tú fhéin faoi deara é / Tá barr-fhuacht orm = bualadh draidín nó bualadh fiacal / D'airigh mé an slaghdán seo do mo bhualadh arú inné. Th'éis go raibh mé in mo sheasamh suas annsin istigh, bhí mé giogach agus ag eitealla agus barr-fhuacht orm. B'fhurasta aithinte dom an uair sin go raibh sé in mo chrioslaigh. Ach bhí a fhios agam é maidin lár na bháireach! / 'Ar ndó' ní féidir gur barr-fhuacht atá ort! M'anam gurb ea! Breá nach gcuireann tú clúdach ort fhéin thara's an leámháinín sin / Bhí fuacht agus deallra ann inné = bhí fuacht agus deártan ann inné (fc. deallra, deártan) / Chaith sé an oíche amuigh faoi fhuacht agus faoi dheallra. Nar bheag an dochar dhó sin a bheith strumpha, narbh ea sin! / Dar fia, tá fuacht agus deártan ann anocht / M'anam leigeadh sé do Sh. Sin é an buachaill nach bhfuil fuacht ná faitíos aige roimhe. Tá a fhios sin aige, agus is maith socair a fhanfas sé in a láthair / Cén smál a bhí ort a dhul amach san bhfuacht? = bhí sé fuar amuigh / Tá mé amuigh faoin bhfuacht ó mhaidin (san bhfuacht) / Duine ar bith atá amuigh faoin bhfuacht agus faoin mbáistigh seo, is beag an dochar dhó a bheith tolgha /[Ní maith an ailím a bheith amuigh faoin bhfuacht ar aon-chor / Bainfidh an ghailleóg seo an fuacht díot]/ Tá sé ag dul chun fuaicht = ag eirí fuar = an aimsir iompaithe chun fuaicht / Cuireann sé fuacht orm breathnú ort agus an díoc atá ort / Níor leig an fuacht dom corraí amach ó mhaidin. / An bhfuil tada ann a bhainfeadh an fuacht de dhuine? / Cén mhaith dhuit a bheith ag tabhairt fhuaicht duit fhéin amuigh annsin /[Sén fuacht a thug tú dhuit fhéin inné a d'fhága in t'othar inniu thú / Chuirfeadh an oíche anocht fuacht ar an éan aille / D'fhága mé gan aon-bhrat Dé Sathairn inGaillimh í (: capall). Bhí sí ag

dórtadh allais, agus ghlac sí fuacht / Is fánach an chaoi a nglacfá fuacht annsin idir dhá dhoras na gaoithe / Chuaigh sé amach an lá mór mar ba mhinice leis agus fuair sé fuacht (: níl ann ach "fuacht". Ní hé an slaghdán é, cé go dtiocfadh slaghdán as, nó b'fhéidir rud níos measa) / Fuair sé fuacht ar an bportach an lá báistí údan, agus tá sé buailte síos ó shoin. Tháinig an dochtúr aige / Fuair mé fuacht ar aghaidh na riteacht annsin thuas Dé Luain, agus tholg mé slaghdán as /[Níl seasamh ar bith ar fhuacht aige. Bíonn sé ag slupáil 'chuile phuinnte / 'Ar ndó' ní acmhainn ar fhuacht atá ag na gamhna laga sin / Sílim gur beag an acmhainn fuaicht a bheadh agad. Tá tú ró-phrámhaí ort fhéin]/ Chaith fuacht ann anuiridh amach go dtí Mí Mheáin an tSamhraidh / Tá sé in am ag an bhfuacht seo anois imeacht as an uair. Tá sé dhá chothú an-fhada / Ná leig den fhuacht a dhul isteach leat (le do chraiceann) / Coinneóidh an geansaí sin an fuacht gan a dhul le do chraiceann / Aimsir gan fuacht ar bith í. Aimsir bhreá chineálta an tráth seo 'bhliain / Níl tú ach i dtús an fhuaicht (i dtús fuaicht) anois muis. Má tá sé ag goilleadh mar sin ort cho luath seo, go bhfoire Dia ort shul a mbeidh Lá Buí Beáltaine ar fáil! /[Seo é tús an fhuaicht anois. / D'fhága an fuacht ag craith na gcrúb mise inniu / Fágfaidh an fuacht mór amach annseo na gamhna sin réidh. Tá siad ro-éitreórach]/ Tá mé caillte le fuacht. Fuacht go deó aríst é chreidim (ormsa an sean-fhear). Tús agus deireadh an duine, adeir siad, ar an tine a tharraingíos / As fuacht a fuair sé (a tholg sé etc.) an eitinn / Tá sé in am aige téaltú leis feasta mar fhuacht. Nach bhfuil muid i mbéal an tsamhraidh thall! / Tá sé cruiplithe (in a ghiucachín, in a dhíthriúch etc.) ag an bhfuacht / Tá creathadh fuaicht orm sna cosa (as na cosa) = tá mé an-fhuar sna cosa /[Ní fhaca mise a leithide sin d'fhuacht ariamh agus atá san bpórtar anocht!]/

Sín cheird chéanna — ag cláradh mná chois claidheachaí — a thug fuacht dó / Níl aon-bharr fuaicht ann inniu thar agus inné = fearasbar / Tá gaimh fhuaicht orm ó shuigh mé síos annsin / Is fear fuaicht é = fear a éagaoineas fuacht nó a ngoilleann fuacht air / Deirimse leatsa gur lá fuaicht é / Ní tráth fuaicht duit anois é, má chaitheann tú a dhul san tráigh / Is uair fhuaicht í = aimsir an-fhuar / Is teach fuaicht é = teach a bheadh fuar / Ná bac le fuacht! Is ann a bhí a thabhairt amach! = idteach, in áit a mbeadh obair ar siúl, idtír choimhthigh etc. / Comhfhad a theigheas fuacht agus teas etc. = (fc. doicheall) / Ní theigheann teas thar fhuacht agus ní theigheann fuacht thar theas = teigheann fuacht cho fada le teas agus teas cho fada le fuacht = tá cothromacan síne na huaire ann; nó dhá mhéad dhá mbíonn teas bíonn fuacht dhá réir; nó ní bhíonn grádh dhá mhéid nach mbíonn fuath dhá réir; nó comhfhad a theigheas teas agus fuacht / Fuair sib teas mór san July seo caite ach sílimse go bhfuil fuacht dhá réir anois ann. Comhfhad a theigheas teas agus fuacht, adeir siad / Tá na beithigh ag dul in órán 'mo choinsias. Is diabhlaí an bhróthall atá ann. Ach bainfear siar asainn é fós i mbliana.

Foighid nó go dteaga fuacht na bhfaoillte. Chomhfad a theigheas teas agus fuacht bíodh a fhios agad / Bhí mé préachta ag dul a chodladh dhom aréir, ach nuair a dhúisigh mé ar maidin, bhí mé te bruite. Teigheann teas cho fada le fuacht agus fuacht cho fada le teas, adéar -faidís / Diabhal a féidir gur áitigh siad a chéile mar sin. Anois ru. Agus tá an brachán dóirte ainneóin cho geal dhá chéile agus a bhí siad. "Comhfhad a theigheas teas agus fuacht; comhfhad a theigheas fuacht agus grádh", adeir siad / Ná bac leis! An té a shárós an dubh-fhuacht seo feicfidh sé aimsir bhreá fós. Ní theigheann teas thar fhuacht ná fuacht thar theas / Tháinig an fuacht luath i mbliana. Diabhal mé go raibh laethantaí ann faoi Fhéil

Michil agus sháraigh siad aimsir ar bith a thiocfadh amach i ndubh-luachair na bliana. Ó atá sé le caitheamh aige is fhearr é a chaitheamh (: an fuacht a chaitheamh) luath san ngeimhreadh, ná a bheith dhá bhuachailleacht go dteaga earrach. Is mairg earrach an deagh-gheimhridh ar chuala tú ariamh é? / Ní thigeann fuacht go hEarrach ná teas go Fómhar = ní san nGeimhreadh is mó an fuacht, ach san Earrach. Is amhlaidh leis an teas é freisin. Is mó teas an Fómhar ná an Samhradh fhéin / Amach rómhat atá anois. Deir siad nach dtigeann fuacht nó go dtigeann Earrach / Anois is géire a theastódh farae l'aghaidh beithioch. Ní tada a bhfuil caite le hais a bhfuil romhat. Ní thigeann fuacht go hEarrach ná teas go Fómhar, adeir siad / Sé fuacht na slinneáin a bhreacas na loirgní = mara mbeadh na guaillí fuar, ní bheadh na cosa fuar ná call a bheith dhá gcur chois na tine; clúdaíodh duine é féin i gceart agus ní bheidh fuacht air in aon-áit /[Breá nach gcuireann tú do bháscóta ort fhéin faoin mbáinín, agus ní bheitheá ag eitealla mar sin le fuacht. Deir siad gurb é fuacht na slinneáin a bhreacas na loirgní / Is diachta dhi nach mbeadh a spreangaidí sáite san tine aice agus í in a guróir leis an bhfuacht. 'Ar ndó' ní éadach atá uirre! Na balcaisí tanaí sin 'ar ndó' ní fuacht a choinneóidís ó aonduine. Ba bheag an baol orra. Fuacht na slinneáin a bhreacas na loirgní, ar chuala tú ariamh é?]/ Sé fuacht na gcrúba a mharaigh uilig mé. Dhá mbeadh miotógaí orm bhí agam / Níl an teas ag breith ar an bhfuacht aige = beireann an fuacht ar an teas air = níl díol a fhreastail nó riar a cháis aige; tá sé an-bhocht / Seán seo thoir! Ní fhaca mé an teas ag breith ar an bhfuacht aige (air) aon-lá ariamh. Beo bocht a bhí sé, agus beó bocht atá sé, ní dhá roinnt leis é! / An fhad's bhí sé ar an mbaile seo, dheamhan an teas a rug ar an bhfuacht ariamh aige, ach ó d'fhága sé é, tá sruth agus gaoth leis. Ba gheal an lá dhó ar ghlionndáil sé leis ar fad as, ba gheal sin / Phós sé droch-bhean. Chuir sí scaipeadh agus fán

ar an méid a chruinnigh seisean go cruadh. Ba ghearr nar rug an teas ar an bhfuacht air. Annsin chuir sé an áit faoi channdáil. Ba mhór an feall é! /[É fhéin ba chionntach má rug an fuacht ar an teas air. D'fhága a athair in a shuí go te é, ach d'fhága a chuid frasaíl fhéin ar a thóin é. Ní sheasfadh saibhreas Sheóirse leis sin. M'anam má dhíol sé talamh Bh. an tS. anois go bhfuil a raibh de mhuinín an tsaoil aige imithe. An chéad-áit eile a bhfeicfidh tú é, istigh ar shlata an Bhaile Mhóir agus é ag ucastóireacht, mar níos siad uiliog]/ M'anam a stór marach na gliomaigh nach mbéarfadh an teas ar an bhfuacht ag na daoine. Tá an phínn bhairr orra anois, ní hionann agus ariamh /[Tá faitíos orm go mbéarfaidh an fuacht ar an teas orainn i mbliana mara bhfuil ag Dia. Tháinig an bhliain go dona. Níl fata ná arúr ná móin ann. Tá na daoine ceart mara bhfá siad gorta.
Ach tá Dia láidir. Níor dhúin sé bearna ariamh nach n-osclódh sé ceann eile / Shílfeá nuair a phós sí é sin, go raibh sé indon cat agus dhá rioball a dhéanamh má b'fhíor di fhéin, ach tá scéal aici air anois. Níl an teas ag breith ar an bhfuacht aici. Is olc an rud a bheith do-chomhairleach. Bheadh sé cho maith dhuit a bheith ag caint le dris le bheith ag caint léithi sin an t-am ar iarr sé í. A chomhairle fhéin do mhac dhanra, adeir siad / Beidh na daoine ceart chomh uain's a bhéas an teas ag breith ar an bhfuacht aca. Dhá bhféadadh duine snáth a choinneál faoin bhfiacail chor ar bith, dheamhan a mbeadh daorbhascha dhe, ach is deacair sin a dhéanamh. Agus in a dheidh sin, sé an saol is fhearr a tháinig le mo chuimhne-sa é. Tá neart airgid ag daoine / Teagann dáir ar na beithigh ar an bhfionnuartas báistí. (fc. fionnuartas etc.)

Fuaraíocht: Fuartas: Fuaireadas: Fuaireacht: Ainmneacha Teibí.
Tá "fuaraíocht" agus "fuaireacht" buineann. Baintear leas asta thrín a chéile ach go háirid "fuaraíocht".
Fuaraíocht etc. = a bheith fuar; cur fuar ar nós sneachta, sioc agus rl.

Is diabhlaí an fhuaraíocht atá ann na laethanta seo = an fuacht atá ann = is diabhlaí fuar é na laethantaí seo / Fuaraíocht uilig anois é. Tá barr sneachta ar an aimsir seo / An airíonn tú an fhuaraíocht? Ach is beag an bheann atá agadsa air bail ó Dhia ort. Tá brabach ort (.i. saill; thú a bheith reamhar) / 'Ar ndó níl fuaireacht ar bith san lá inniu / Tá an iomarca fuaireadais san uisce le dhul ar snámh inniu /[Fuartas ar fad é an teach sin, mar bíonn a bhfuil d'fhuinneógaí agus de dhoirse ann béal in áirde / Anocht atá an fuaireadas san bpórtar / Níor mhór dhuit an-chaoi a choinneál ar áit den tsórt sin mar tá an fhuaireacht san talamh ann, agus bíonn sé an-ghéar / Tá mé caillte ag na bróga seo leis an bhfuaireacht atá ionta. Dheamhan a fhios agam nach bhfuil siad ag leigean isteach dhá laghad an t-achar agam iad / Sén balla cloiche is teócha. Bíonn an fuaireadas i gcomhnaí san "ciment", is cuma céard a dhéanfas tú leis / Tá an iomarca fuaireacht san uisce len a ól leithide na hoíche anocht. Scáird sean-fuisce narbh fhuláir do dhuine / Tá fuaraíocht eicínt ar an ngaoith adtuaidh seo = cruas; droch-aimsir; sioc nó sneachta / Fuaraíocht shneachta atá air agus na géabha fiáine sin a bheith ag dul ó dheas. Is furasta aithinte é. De dhruim sneachta atá na sinneáin ghéara seo ag eirí /[Fuaraíocht atá ar an ngaoith ghreamannach seo. Tá sé dhá cothú ro-fhada. Gabhfaidh sé ar shioc cheapfainn. Ag tolgadh seaca atá na lionnscaí sin san spéir.]/ Má theigheann sé ar fhuaraíocht sheaca anois gheobhaidh na fataí garbh é, agus gan iad in iarracht ar bith againne fós. Dheamhan clúdaithe de bhláth bliana againn ach poll amháin. Agus gan annsin fhéin ach taibhse /

Fuarlach = Ainmfhocal, Fireann = fuadach croí, nó an croí a bheith ag bualadh: tugtar "falrach" freisin air, nó "farlach", agus thiocfadh dhó gurb shin é an focal ceart (fc. "falrach").

Bhí fuarlach [fual(d)rach scaití freisin] faoi mo chroí aréir. Ní thaithníonn sé chor ar bith liom / Má tá an fuarlach (falrach) croí sin dhá cothú, tiúrfaidh sé giorrachan saoil di. Sé atá deas air. Ní fhaca mé ar aonduine ariamh é, nach n-imeódh sé tobann / Bíonn fuarlach faoin a chroí. Ní fhanann focal den chaint aige scaití leis an mbualadh a bhíos ag án a chroí. Chuile bhall muise ach an chroí a bheith fabhtach. Má eiríonn aon-cheo dhó sin, tá duine réidh]/

Fuachtán = Ainmfhocal; Fireann = sórt oidhreachaí, fachmaí nó ionglach a theagas i méarachaí na gcos agus na lámh de bharr fuaicht. "Chilblains" a thugtar i mBéarla orra.

Fanfaidh mé ón tine ar fad. Ní cúnamh ar bith an teas do na fuachtáin atá orm / Ní raibh aon-fhuachtán orm ariamh míle buíochas le Dia, ach bhíodh oidhreachaí orm fadó nuair a bhínn ag imeacht ag slupáil i locháin annsin amach agus "Máirtín gágach" ann /[Tá mé ciapha ag fuachtáin atá orm. An tráth seo de bhliain i gcomhnaí a bhuaileas siad mé. Tá siad ar na cosa agus ar na lámha agam. Níl bliain ar bith nach mbím foirghe aca]/

Fuarú: Fuaraím etc.: Briathar: fuaireadas nó fuacht a theacht i rud, nó an teas imeacht as; téaltú; claochmú, leigean as; seacadh, strompadh, cruadhú, triomú, slabhcadh, seargadh; beochan, fionnuartas, smeámh; biseach, fóirínt; réidh an achair.

Má tá sé ro-the agad, fág ar fuarú annsin go fóill é = le go bfuaróidh sé; le go n-imí an teas as / Leag na fataí sin amach ar fuarú ar an tsráid. Ná bain as an bpota chor ar bith iad / Níor fhága tú sách fada ar fuarú é. Tabhair ionú dhó a dhuine. Tá tú ro-mhí-fhoighdeach /[Ní fuláir don iarann sin a bheith ar fuarú seal shul a gcuire tú leó é]/

Teirigh amach ar fuarú go fóilleach = ar an bhfionnuartas = le bruth allais, bruth saothair nó a leithide a bhaint díot féin / Níor fhága siad an bhraic sách fada ar fuarú / Fágaí an tornóg píosa ar fuarú shul a gcuire sibh foghairt eile inti / Níl an t-uisce sin sách fada ar fuarú agad fós. Scalfadh sé sin thú. Leig dhó nó go mbeidh sé pat-fhuar /[Fuaraigh an tae sin ar an sásar = é a chur amach ar an sásar / Ní mór an bainne seo a fhuarú roinnt. Tá sé te bruite. Sílimse gur bhain tú an darna feochadh as th'éis an fhainic a chuir mé ort. Tabh'r'om braon bainne fuar len a fhuarú anois / Ag fuarú braiche a bhí sé]/ Coinnigh an láthair mhuirtéil sin fuaraithe go maith = uisce a scárdadh uirri / Ní fuláir fuarú a bhaint as na turnapaí sin shul a dtuga tú don laogh iad / Tabhair fuarú beag ar an luaidh sin shul a gcuire tú ann í / Tá an-fhuarú ag gunna den tsórt sin. Nach ndéanann sí spól dearg le neart an teasa = is fada go mbíonn sí fuaraithe; it takes great cooling /[Bhí sé ag scárdadh uisce uirre agus bhí sí in a caor dhearg in a dheidh sin. Is diabhaltaí an fuarú atá ag engine mótair deirimse leat! / Má bhí na clocha sin deargha chor ar bith tá an-fhuarú aca aríst. Is deacair leo téamh ach is deacair leó fuarú ach oiread]/ Fuaraíodh sí ar an gcaoi chéanna ar théigh sí (: cruach choirce). Tá rud ar ar n-aire thara's í sin a leigean amach aríst / Bhí an ghail bhruite as an gcoca féir an lá ar chuir mé isteach é. Dúirt chuile dhuine go dtéafadh sé. Ach d'fhuaraigh sé aríst. Tá mé ag ceapadh go bhfuil sé meath-dhreóite mar sin fhéin /[Ól é sin ar a theas. Ná leig dhó fuarú. Beidh an mhaith imithe as má leigeann / Seo ól an caifí seo sul a bhfuaraí sé. In a theas is fhearr é]/ Tá an pórtar seo muláilte agam duit. B'fhéidir go mbain-feadh sé an slaghdán díot. Ná tabhairt cead dó fuarú. I dteas bhainne na bó is fhearr a ól / Tabhair fuarú don "worm" (fuaraigh an worm; cuir fuarú ar an worm etc)

= uisce a chur uirri / Is furasta aithinte nach bhfuair an worm
fuarú ar bith uaidh. Dheamhan fuarú a rinne an ceann
céanna uirri aon-lá ariamh. Sin é an fáth a mbíonn an
braon scálta ag greamú dhó i gcomhnaí = bíonn a chuid
poitín scalta i gcomhnaí cheal gan an worm a fhuarú / An té a bhíos
amuigh fuaraíonn a chuid = an té a bhíos imithe
cailleann sé gach olla mhaitheasa dhá mbíonn ann; déantar
dearmad air / Fataí fuara a chaifeas tú a ithe anois.
Breá nach raibh tú isteach in am. An té a bhíos amuigh fuaraíonn
a chuid, adeir siad /[Tá sé aisti anois, tá faitíos orm. Sílim
go bhfuil buachaill eile aici: mac J. Mh. as seo thiar. Tá an ceann
eile caite i gcártaí aici ó d'imigh sé as an áit. Is amhlaidh
é: an té a bhíos amuigh fuaraíonn a chuid]/ Dhá dteagthá abhaile
nuair a chuir sé fios ort b'agad a d'fhágfadh sé an áit. Bhí sé ag
súil leat i gcomhnaí. Rinne sé neamh-shuim díot san deireadh
nuair nach raibh aon-chosúlacht teacht ort. Sin é é i gcomhnaí:
an té a bhíos amuigh fuaraíonn a chuid /[Ith suas te bruite iad
agus ná fuaraídís ort. Deir siad nach fataí tura fataí
teó. Nach diabhlaí nach mbeadh annlann ar bith le fáil san
mbaile sin thoir. Níor facthas aon-ghreim éisc ann leis an
fhad seo / Bhí scaoileadh orm an tseachtain seo caite ach tá
mé fuaraithe aríst = tá seacadh bronn nó triomach orm,
níl mé ag oibriú as mo cholainn / Sin é an chaoi a bhfuil mise:
bogha agus fuaraithe gacha le seachtain. Is cuma céard a
chaifeas mé, sé an cás céanna é / Bhuail ráig bhuinní mé
in a diaidh, agus annsin d'fhuaraigh mé go ceann coicíse. Ní
feóil cheart a bhí inti dhá mbeadh an saol ag caint. Sean-réithe
bradach eicínt a bhí in a leathar le aois]/ Tá mé cróilithe uilig
ag an bhfuarú atá ar mo cholainn le seachtain mhór fhada /
Ní raibh sé fuaraithe nuair a bhí siad ag troid faoin a chuid
= ní raibh a cholainn strompha tharéis bháis; ní raibh
sé fuar /[Ní fhaca mé aon-chorp ariamh a d'fhuaraigh cho
héascaidh leis. Bhí sé fuar beithioch ar an bpuinnte]/

"Cén chaoi a bhfuair buachaill Mhic Mhruchú bás?"
"Nuair a d'fhuaraigh a ghuaillí, a chosa, a dhruim agus a cheann
Sin é an uair a fuair buachaill Mhic Mhruchú bás" [rann] /
Ní maith a bhíos siad (: coirp) fuaraithe anois nuair a bhíos siad
sciobha amach as an teach / Tá sé básaithe. Tá a ghuaillí, a chosa,
agus a cheann fuaraithe faoi seo [is dóigh gur as an rann
réamhráite a tháinig an leagan seo] / Ní mór daoibh crú a chur
in a thosach agus é a leagan amach nó beidh an corp seacha.
Tá sé fuaraithe le fada /[Ní raibh an chéad-fhear fuaraithe
as cionn cláir nuair a bhí an darna fear i bhfocal aice! /
Shíl siad go raibh sé fuaraithe nuair a bhíog sé aniar
chuca aríst sna céid-éaga. Labhair sé faoi dhó]/ D'fhuaraigh
an lá go mór le uair an chloig = tháinig fuacht ann /
Mara bhfuaraí an lá ag teacht don tránóna, ba cheart go
bhfuaródh. Ní sheasfaidh an teas seo ar feadh na hoíche /
Fuaraíonn an aimsir i gcomhnaí taca lá Fhéile Michil. Sé
a nádúr é / Tá sé fuaraithe go mór san mbeannaíocht
ó thug sé faoi deara a dhul ag cúirtéaracht = leighe aisti,
lagha inti / Tá sé dhá fhuarú fhéin thíos ar aghaidh na
farraige = ag tabhairt fionnuartais dó fhéin /[Fág seo
amach nó go bhfuaraí muid muid fhéin taobh amuigh. Tá an
áit seo an-phlúchta / Bhí mé ag damhsa agus chuaigh
mé amach le mé fhéin a fhuarú, agus lean sé amach mé /
Ní mór dom fuarú a fháil. Oscail an fhuinneóig sin. Tá
bruth pórtair orm / Siúil amach ag spaisteóireacht. Is
fuarú dhuit é. Tá tú sacha istigh ag an tine sin ó mhaidin /
Ar snámh a bhí againn a dhul. Ba mhór an fuarú é agus
an meirbheadas atá san lá / Má tá "slack" (meirfean)
do do bhualadh amach leat ar an bhfuarú = ar an
bhfionnuartas; faoin aer; in áit a mbeadh anáil / Is
mór is fiú a bheith amuigh ar an bhfuarú. Tá mé ag dórtadh
allais istigh annsin le uair an chloig. / Tá fuarú breá
annseo chois na habhann. Nach íontach in a dheidh sin go

go mbíonn fionnórtas i gcomhnaí in aice an uisce / Chuaigh
na beithigh in órán dhá bhfuarú fhéin / Níl aon-fhuarú orm
ach mé ag cur allais agus do mo bhruith i gcomhnaí / Meastú
a bhféadfadh sé fuarú ar bith a fháil ar an bpian atá air =
réidh an achair; fóirínt (fc. fóirínt); bodhrú / D'fhuaraigh
an rud a thug an dochtúr dó an doigh /[Ní fhuaróidh tada
an phian sin nó go dtuga sí a seal / Níor mhiste liom
céard a dhéanfainn ach fuarú a fháil ar na doigheachaí
(fiacal) / Tá fuarú breá aige (ón tinneas, pian etc.) ó
thránóna / Níl aon-fhuarú agad inniu, nó an bhfuil an phian
ag cothú san ngiodán céanna? … Sin é do mhaith muise
má tá sí ag smearadh amach]/ Bhí mé ag strócadh le pian
ar feadh na hoíche ach tháinig fuarú beag dom teacht isteach
an lae / Tá bun-fhuarú maith ar an bhfiabhras inniu air,
a chuala mé. Chuaigh sé thrí aoithiú inné agus arú inné. Comhairim go
bhfuil an báire leis le cúnamh Dé / Bhí sí (an bhruitíneach) amach
maol dearg thríd le cupla lá, ach tá sí fuaraithe inniu = gan í
a bheith cho dearg; é a bheith dhá sú; í ag dul ar gcúl / An bhfuil
aon-chosúlacht ar an mbruitíneach fuarú air sin? Tá sé in
am sin aici feasta /[Bhí íth orm ach tá sí fuaraithe anois / Is
deacair leis an ngrís sin fuarú. Is olc an éadáil atá ort muis.
Beidh sí sin (an ghrís) in a lionnán agad go bhfeice tú tamall /
An teánn ab ea atá air? Ara is gearr go bhfuaraí sí sin le
cúnamh Dé]/ An bhfuil an lot atá ar do chois fuaraithe fós? …
Ceadh nach bhfuil? = gabhtha ar gcúl; an t-óthras a bheith imithe
as, agus é a bheith i mbéal bisigh nó cneasaithe / An bhfuil na
hoighreachaí fuaraithe ort inniu? Is gearr go mbeidh tú amuigh
faoin bhfuacht aríst mar sin / Bruth allais a bhí orm ar ball, ach
fuarú allais atá orm anois = allas téachtaithe, allas lagair. Allas "te" é an
cineál eile /[Bhuail fuarú allais mé, agus níor fhan lúd ná
láthar ionam. Diabhal mé gur shíl mé go raibh mé criogha go sábhál
-a Dia sinn!]/ Nach bhfuil a fhios agad go maith gur le teann
donacht a theagas an fuarú allais sin orm! Deile? Marab ea,

ní le maith é. Tá sé do mo chothú ar fad anois. Dheamhan agam ach siúl soir cho fada leis an doras nuair a bhéas an sruth liom / Chaith fuarú allais orm ar feadh saol agus aimsir thar éis an fhliú. Agus ní raibh spreacadh an éinín gé fhéin ionam / Tá fuarú beag gaoithe anois ann = beóchan; smeámh gaoithe lá bróthallach /[Theastaigh an fuarú (gaoithe) sin. Bhí an lá an-mharfánta. Ní fhágfadh sé hump ná hamp i nduine / Eireóidh fuarú leis an gcomhtráth ar ball, agus gabhfamuid ag siúl annsin / Deir tú go raibh sé an-mheirbh inniu. Bhí fuarú breá gaoithe ar an bhfarraige. Sin é an áit nach mbainfeadh na cleabhair leat ar chaoi ar bith. / Ní hea ach aghaidh gaoithe agus cúl gréine a theastódh ó dhuine inniu. Dhá mbeadh áit ar bith a mbeadh fuarú gaoithe, is air a thriallfainnse. Tá mé leáite]/ Fanadh sé annsiúd ag an doras dúinte anois más breá leis. Gheobhaidh sé cead fuarú ann, agus fuarú go maith freisin. D'iarr mé air a thiacht ag an tine faoi dhó nó trí huaire cheana, agus níor thug sé dhom ach cluais bhodhar / Cuireadh an rud sin ar siúl annseo ach fuaraíodh as aríst = heiríodh as; níor coinníodh ar siúl, nó níor seadaíodh é / Bhí sé bog te ag dul ag pósadh anuiridh ach d'fhuaraigh sé as aríst shílfeá = chaith sé as a cheann é /[Bhí an-chaint aige athrú na chéad-laethanta, ach tá sé fuaraithe as anois. B'fhéidir go bhfuil sé ar a sháimhín sógha san áit a bhfuil sé / Fuaróidh sé as an gceird sin muise ach a bhfeice sé nach bhfuil aon-tsamhaoine inti. Ní bheadh an sionnach fhéin suas leis sin ná le aonduine dhá dhream / Tá fearg air anois. Leig dó fuarú (as). Annsin teirigh chun cainte leis]/ Bhuail an-olc é, ach d'fhuaraigh sé (as) aríst ar an toirt. Duine taghdach mar sin é / Tá na sean-amhráin ag fuarú as agus amhráin nua ag teacht in a n-áit = ag imeacht; táthar ag eirí asta / Tá na sean-ghnásanna sin ag fuarú as anois. Meastú ar cuireadh aon-chrasóg Bhríde suas againne ó d'aistrigh muid go dtí an teach nua? Dheamhan é muis. Tá na daoine atá ann anois

ro-fhaillíoch faoi bhealaigh den tsórt sin / Ní bheadh breith bonn báis aige gan a dhul chuig an damhsa nó gur chuala sé go raibh sé seo thíos le dhul ann. D'fhuaraigh sé as annsin / Bhí an-tóir ar an ól aige ach d'fhuaraigh sé as go mór le goirid / Shílfeá gur mhó dhá fhonn a bhí air a dhul ag smísteáil na ndaoine, ach gur fhuaraigh sé as arís / Fuaraíonn sé san bpoll a dtéann sé = níl ann ach an taghd, nó an buille, nó an geábh sin, agus tuiteann an dreoll ar an dreall air annsin nó fuaraíonn sé as, nó leigeann sé faoi, nó ní fhanann maith ná maoin leis /[Níl aon-fhear oibre faoi na broit a chinnfeadh air in imeacht uair an chloig, ach uaidh sin amach ná bac leis. Dhéanfadh páiste an oiread foghail leis. Níl ann ach an speidhear sin. Fuaraíonn sé san bpoll a dtéann sé / Ba sclábhaí maith a bhí in a athair. Ach é fhéin, níl ann ach an rith searraigh. Fuaraíonn sé san bpoll céanna a dtéann sé ann]/ Tá an-taghd ann ar an gcaoi sin. Ní fhaca tú aonduine ariamh is túisce a thiúrfadh "thug tú th'éitheach" dhuit ná é. Ach ná cuirtear araoid ar bith air, agus beidh sé chun míneadais arís ar an toirt. Fuaraíonn sé san bpoll céanna a dtéann sé ann. Dheamhan cuimhne a bheadh aige arís air le ionntú an tsoip. Sin í a intinn. Níl neart aige air / Seán Ch. a raibh tú ag caint leis. Gheall sé an saol duit 'ar ndó?? … Gheallfadh sé. Ní raibh aon-cheo dhá chur ar siúl annseo ariamh nach air a bheadh chuile chúram faoi chun tosaigh, ach ní fheicfeá ón gcéad-oíche nó ón darna hoíche amach é. Bíonn an-spleódar mar sin ann ach fuaraíonn sé san bpoll céanna a dtéann sé. Tá sean-aithne agamsa air sin a stór. Rachaidh mé faoi dhuit nach bhfeicfidh tú níos mó é]/ Ní fhaca mé fear ar bith ariamh is gasta uaidh leoraí amháin móna a bhaint ná é. Ach tá sé in a phuca uaidh sin amach. Fuaraíonn sé arís san bpoll céanna a dtéann sé / Shílfeá le breathnú air ag fódú an chéad-

iomaire go ndéanfadh sé cat agus dá rioball de rith agus de
léim. Ach ní dhéanann. Fuaraíonn sé san bpoll céanna a
dtéann sé. Ní buan tréan, adeir siad agus ní den abhras an chéad-shnáth / San gcraiceann
céanna ar théigh sé ann fuaraíodh sé aríst = le tabhairt le
tuigsint nach bhfuil aon-bheann agad ar dhuine a bhfuil
fearg air leat, nó atá le buile leat / Droch-rath
air, marab air atá an sceaimhínteacht! Céard atá anois
air? Mar dhóigh dhe nach bhfuil sé ag fáil a dhóthain óil. Fuair
sé an oiread le chuile fhear eile dhá bhfuil annseo anocht,
bíodh aige. San gcraiceann ar théigh sé, fuaraíodh sé ann
aríst. Fuaraíodh más breá leis, nó leigeadh sé dhó, ach diabhal
sásamh a gheobhfas sé uaimse, ná cuid de shásamh / Cén t-olc
atá ort liomsa? Céard a rinne mise ort? An agamsa atá
neart ort? Fuaraigh anois san gcraiceann céanna ar
théigh tú ann cheana. / Ara nach furasta leis eirí suas in a
choileachín ag na daoine! Ná tugtaí áird ar bith air. Cead
aige fuarú san gcraiceann céanna ar théigh sé. Sin é
an gléas air / Bhí an gaiscíoch mór seo thoir ann agus
é féin spréachta. Ach níor cuireadh chuige ná uaidh. Bhí
a chead aige fuarú san gcraiceann ar théigh sé / Shíl sí
go gcuirfinnse suas coc léithi agus go mbeadh an-
tsásamh aice a dhul ag sciolladh orm, mar sin biadh agus
beatha di sin. Ach níor dhúirt mise drúcht ná báisteach
léithi, ach a dhul ceann ar aghaidh in mo ghnatha, agus d'fhága
mé ise ag fuarú san gcraiceann céanna ar théigh sí.
Dhá bhfádh sí sin an té a choinneódh ropaireacht léithi,
sé a mbeadh uaithi é]/ Breá ar bhac tú leis duth
ná dath, agus d'fhuaródh sé san gcraiceann céanna ar
théigh sé ann roimhe sin. Bhuail tusa foracún air, agus
beidh sé de shásamh aige ort go bhféadfaidh sé thú a thabhairt
chun cúirte. Ara bheinnse dhá lá mo shaoil ag éisteacht len
a chuid dodaireacht sin, agus ní leigfinn orm fhéin go
gcloisfinn chor ar bith é. Air fhéin a bhíos an t-anró /

Iarr: (Briathar) ná h-iarr a dhul abhaile anocht

= ná bac le na dhul abhaile. Fan mar atá tú.

Pádraic: Léighfe mé an t-amhrán seo dhuit

Seán: Ná h-iarr sin! [ná bac leis.]

"Níl duine ar bith ag iarraidh do chuid gnaithe ort"

= níl aon-duine ag iarraidh ort an obair nó an saothar

nó an ámhuilleacht sin a dhéanamh. B'fhearr le chuile

dhuine nach ndéanfá iad. [Cialluigheann "gnaithe" sa gcás

seo agus in a ionshamhail de chásanna — saothar gan maith,

saothar nach dtiocfa aon-tairbhe de bharr a dhéanta;

Saothar ámhuilleachta agus contráilteachta — féach luach

i.e. tiubharfa mé luach do ghnaithe dhuit]

"Gnaithe gan iarraidh iad sin" = obair nó

ámhuilleacht nach n-iarrfaidhe ar dhuine a dhéanamh, agus

a mb'fhearr gan a dhéanamh iad, cuirim igcás

rudaí a dhéanas páistí agus aos óg go minic gan

iarraidh gan athchuinge.

"Ní minic gnaithe gan iarraidh

buidheach" [sean-fhocal]

"Tháinig sé chuig an mbainis gan cuireadh, gan

iarraidh" — níor h-iarraidh é chor ar bith

"Bhuail sé isteach chugainn gan c. gan i."

"Ní bhfuair sé cuireadh ná iarraidh"

"Uisge tobair gan iarraidh" = thiocfá treasna ar thobar

nó ar uisge ingáig leice nó cloiche, gan cuimhne ar

bith: sin uisge tobair gan iarraidh. Sé'n leigheas é

a bhí ag na sean-daoine ar fhaithniúchaí.

"Cuir uisge tobair gan iarraidh air"

Seán: Ar iarr tú an leabhar air

Seumas: Iarraidh dom, ach ní fághail.

= D'iarr mé ach ní bhfuair mé.

Í. Ch agus C. Fh. "Chuaidh sé ag iarraidh aistir uisce = igcoinne

"Chuaidh sé ag iarraidh na mbeithidheach = chuaidh sé go dtí

an cimín le na beithidhigh a thabhairt abhaile

"Teirigh ag iarraidh ualach móna" = igcoinne

"Ní iarrfadh sí buille oibre a dhéanamh dhá lá a

saoghal = ní thiocfadh fonn oibre uirre.

"Ní iarrfadh sí go deo, ach in a suidhe fúithe chois na

teine = ní thiocfadh fonn eirghe ná oibre uirre.

"Chuaidh sé ag iarraidh mná" = gnás a dhul go dtí teach

go bhfeicfeadh sé a bpósfadh, Bean áithrid

é.

"Tá sé ag iarraidh ban thar a chéile" = go leor acu.

Tá sé ag iarraidh a choduch = bochtán ag dul thart

ag iarraidh déirce ó theach go teach.

"Fear a bhí ag iarraidh a chodach indé, tháinic sé

isteach annseo" = déirceach.

"Tá iarraidh a chodach go maith ann = is maith uaidh

a chuid a iarraidh = duine a mbeadh teacht i láthair

ann, agus nach mbeadh aon-náire air, an rud a

theastóchadh uaidh a iarraidh.

"Ní maith ó maoidhtear ná eineach ó iarrtar

(sean-fhocal) = má bhíonn duine ag déanamh gaisge

as gar a dhéanamh, baineann sé an mhaith as, agus má

bhíonn ar dhuine rud a iarraidh [biadh, loistín,

airgead agus rl.), ní eineach nó gnaoidheamhlacht é

má fhaghann sé toradh ar a iarraidh fhéin.

"Mura n-iarra tú, ní bhfuighe" [sean-fhocal]

= ní minic fear náireach éadáileach

"Bíonn sé igcomhnuidhe ag iarraidh" = duine a bhíos

ag iarraidh ruda igcomhnuidhe ar na comhursanaí; iasacht

nó a mhacsamhail.

"Níl aon-mhaith san iarraidh, mara bhfuil rud agad

duit fhéin" = ní gar a bheith ag iarraidh iasachta ar

an gcomhursain, mara bhfuil rud agad fhéin

Seán — Ar iarr tú air é?

Tomás: Dheamhan iarraidh, ná cuid d'iarraidh

[= níor iarr mé é chor ar bith

"Tá'n t-iarraidh ann go maith, ach níl an t-íoc ann"

= is maith uaidh rud a iarraidh, ach is olc uaidh an

t-iasacht a thabhairt ar ais.

"Rinne sé fhéin é gan iarraidh gan athchuinghe"

= gan iarraidh air é a dheanamh beag ná mór

"Gheobhfa tú an t-airgead uaidh, gan iarraidh ná

athcuinghe"

"Ortha a chuir Peadar do Phól

ortha gan iarraidh gan athcuinghe"

[Sliocht as Ortha na nDoightheachaí Fiacal]

(b) Iarraidh = amugha: "Tá'n peann ar iarraidh = tá sé

amugha. "Tá'n leabhar sin ar iarraidh orm = ní

fhéadaim í a fhághail in aon-áit.

"Chuaidh an leitir ar iarraidh orm"

"Ná leig ar iarraidh an leabhar"

"Seachain an leigfeá do mo pheann a dhul ar iarraidh"

"B'fhearr ar iarraidh fhéin é ná briste."

(c) Iarr = imthighthe: 'sna somplaí seo agus in a samhail.

"Tá a chuid maitheasa ar iarraidh" = fear

meath-thinn cuirigcás, nach mbeadh aon súil go

ndéanfadh sé aon lá maitheasa go h-éag aríst: nach

dtiocfadh maith ná biseach air.

Seán: Ar ith an gamhainín na fataí uait, a Thomáis

Tomás: Tá a chuid fataí ar iarraidh: (= tá sé réidh,

ní íosfa sé aon-fhata le na ló aríst)

"Tá a chuid fuisge ar iarraidh"

"Tá a chuid Gaillimh ar iarraidh" (= ní bheidh sé

indon 'dul go Gaillimh go bráthach, bráthach arís)

"Tá a chuid portaigh ar iarraidh."

"Níor bhain sé aon-mhóin indiu. Sílim go

bhfuil a chuid móna ar iarraidh."

(d) Iarraidh = buille de dhorn, de mhaide; droch-leagan,

bualadh faoi chlaidhe etc.

"Thug sé a shean-iarraidh mhaide dhom."

Thug sé a shean-iarraidh de thurnapa dom"

(i.e. níor chaith sé an turnapa)

"Thug sé iarraidh de chloich dhom."

"Thug sé an iarraidh ó mhaol na gualainn chomh

maith in Éirinn agus d'fhéad sé.

Tomás: Ba iarraidh mharbhthach í (= droch-iarraidh críochnuighthe)

Seán: Tabhair iarraidh mharbhthach uirre (= badh eadh)

"Coinbhigh do chuid iarrantaí agad féin. Níor thuill

mise uait iad" = ná buail mise agus níor cheart

go mbuailfeá, arae níor bhuail mé thú.

"Tá droch-iarraidh aige" = duine a mbeadh sé

de cháil air, nuair a thiubharfadh sé buille de

dorn, de bhata, ná de chloich uaidh, go ngortóchadh

an buille thar cionn."

"Tá iarraidh chéadtach aige = tugann sé buille

fíor-láidir trom uaidh.

"Tá na h-iarrantaí ann" — is faisean leis a

bheith ag tabhairt buillí uaidh.

"Thug an dream sin na h-iarrantaí abhaile leo"

— ba dual athar nó sinnsire dóibh a bheith

buailteach builleach.

"Iarraidh d'ord" = buille uird.

"Iarraidh de mhaide" = buille mhaide.

"Is maith an iarraidh í sin" = buille nó sáithteán cainnte.

"Cúiteochar na h-iarrantaí sin fós leat" =

ídeochthar ort iad: gheobha tú iarraidh ar an

iarraidh ar ais.

"Leig de do chuid iarrantaí ormsa" = ná buail

aon-bhuille orm níos mó.

(e) D'aon-iarraidh = de phlimp, de sgiotán, de thoirt

"Bhuailfeadh sé mé d'aon-iarraidh marach go raibh
congnamh agam = ar an bpuinnte, ar an toirt.
"Ná h-éist chor ar bith leis, ach buail é d'aon-
iarraidh" = ná bíodh foighid ar bith agad, ach buai{l}
ar an bpuinnte.
D'imthigh sé d'aon-iarraidh = ar an toirt, gan
comhnuidhe ar bith a dhéanamh.
"Sgríobhfa mé amach duit é d'aon-iarraidh = ar an
bpuinnte boise. [B'fhéidir nach anois, ach chomh luath
agus a chuirfinn rómham é a dhéanamh]
"Ní raibh ann ach go raibh sé tosuighe agus bhí
sé déanta aige d'aon-iarraidh."
"Is ait uaidh obair a dhéanamh d'aon-iarraidh
"Breagh nach ndéanann tú é d'aon-iarraidh
anois, agus gan a bheith dhá chur ar an méir is
fuide."
"Mura dtapuighe tú do ghnaithe d'aon-iarra
anois, beidh aithmheala ort = mura gcuire tú
crudh in a thosach agus do chuid oibre a dheanamh
ar an toirt anois, ní bheidh tú buidheach dhuit
féin aríst.

Abair eile le (b) thuas: "Tá geis ar an gcasúr
céadna: is ar iarraidh i gcomhnuidhe a bhíos sé
nuair a theastuigheas se" = tá sé mar bheadh draoidheacht
air: ní féidir é a fhaghail agus é ag teastáil."

(e) Iarraidh: Tá iarraidh fuisce críochnuighthe i
mBol Uisce = "turn", poitín.
"Beidh muid ag déanamh iarraidh (iarrtha) an tseachtmhain
seo chugainn"

Iarratas: Tá'n t-iarratas ann = bíonn sé d'fhaisean aige a bheith
ag iarraidh rudaí ar iasacht.

"Ní bhfuair mé iarratas ar bith orra (beithidhigh ar aonach)
= níor chuir ceannachthóir ar bith caidéis orru, ná níor
fhiafruigh díom cé mhéad a bhí mé 'iarraidh orru =
ní bhfuair mé fear a n-iarratais.
"Is beag an t-iarratas atá ar mhóin imbliana
= éileamh [féach iarraidh]

Iadhta = (a) iadhta [fiadhta adeirtear sa
gcéill seo ar an Achréidh] = reamhar, ruighte, beathuighthe
nó an-bheathuighthe. "Tá tú iadhta le feoil bail
ó Dhia agus ó Mhuire ort" = tá tú tuithte i bhfeoil ar
fad. "Tá tú iadhta." "Duine iadhta" = duine
an reamhar.
(Í.C agus C. F
agus A.)

(i) iadhta = dúinte: an dorus iadhta = dúinte.
(ii) iadhta = dúinte, mío-ghnaoidheamhail lámh-iadhta: lámh
nach mian léithe sgaramhaint le tada. "Ní
fhaghann lámh iadhta, ach dorn dúinte."

Íde = droch-dhíol cainnte. "Thug sé droch-íde béil di =
dhíbligh sé í = d'ith sé agus liobair sé í.
"Thug sé íde na muc agus na madraí di."
"Mhaithfeá do Dhia gan a bheith ag éisteacht leis, agus an
íde thug sé orm" = b'fhearr dhuit ná rud ar bith beo,
gan tú a bheith sa láthair, agus é ag sgiolladóireacht
orm.
[Níl íde againn sa gcéill droch-bhail ar éadach, ar chorp agus rl]

Ídigh: (a) caithte, snuighte, tabhartha, suaidhte.

"Tá sí an-ídighthe = suaidhte, snuighte, tanuidhe, as a
ceann-aghaidh, fearacht duine th'éis ruaige móire tinnis
a chur di.
"Tá sé ídighthe ar fad, le goirid" = duine dhá ghoid as
leaba a chéile.

(b) Ídigh = earra nó a samhail a chaitheamh nó a dhiombailiú.
"Tá na fataí ionann's ídighthe againn" = ionann's
caithte.
"Tá'n mála mine ídighthe go dtí sin" = caithte.
"Ídeocha siad plúr má mhaireann dóibh mar sin =
íosfa siad cuid mhaith plúir, mar gclaochmhuighe
géaradas a ngoile.
"B'fhurasta í ídiú, sgáth a raibh ann di (móin)" = bhí sé
easga an mhóin a chaitheam, nó a dhóghadh, a's a
laghad agus 'bhí ann di.

"Má ídigheann tú an t-im sin uilig indiu, caithfe
tú arán t{u}r a ithe go ceann dhá lá."

(c) Ídigh: sásamh a bhaint amach; díoghaltas a íoc: faltanas
a chur ar ais ar a mhéis féin ag duine.
"Pé'r bith cé ba (s) cionntaighe, ormsa a h-ídigheadh é =
is mise a d'íoc ann = mise a daoradh, pé'r bith duine
a rinne an choir.
"Ná h-ídigh ormsa é: ní raibh neart ar bith
agamsa air." = ná bí ag iarraidh sásaimh a bhaint díomsa
ní raibh mise in mo chionn-tsiocair leis.
"Shílfeá gur mó an fonn a bhí air, é ídiú ar
Sheán bocht."
[Ídigh sa gcéill (c): íltigh adeirtear ar an Achréidh]
"D'ílteochadh sé ormsa é, dá dtugtaí a chead dó"]
(Con. Ach.]

Idir-chamánuidhthe: gan réidhteach, gan roinnt, gan
socrú, ar forbhás, ar plé (Í. C. agus C. Fh.)

"Tá'n fheamuinn idir-chamánuidhthe fós" = níor roinneadh
í; níor dearnadh leitheachaí de.
"'Bhfuil an scéal sin idir-chamánuidhthe fós" — ceal
nach bhfuil an scéal sin socruighthe.
"Dheamhan (dhiún) a' féidir go bhfuil an chúis sin
fós idir-chamánuidhthe" = nach bhfuil breith tugtha
uirre, nó í réidhtighthe:
"Is fada an dlighe sin idir-chamánuidhe, pérbith
caoi a racha sé as a dheire" = is fada dá phlé é,
pé'r bith cé'n réidhteach a dhéanfaidhear air in
indeire na scríbe.

Im: (Ím Con.) = "substaint bhealuighthe a fhaightear de bharr maistre.

"im gan tsalann" = im nach saillfidhe. Coinnightear

cnapáin dhe le cur mar cheiríní le gortú.

"Cuir céirín im gan tsalann leis."

"Dhá n-itheá-sa im gan tsalann, ní bheitheá tinn" = leagan

adeirtear ingreann.

Imirt: [imrighthear cártaí, sgreaga, cleasa, leanbh (fearacht falach
bhíodhg) airgead etc. ach buailtear liathróid agus báire.
déantar cleasanna agus cleis tórraimh.]

"Bhfuil aon-rath leis ag imirt chártaí?
"Imreoir maith" = duine a bheadh go maith ag imirt chártaí
Imirt [cártaí agus airgead i gcomhnuidhe agus cártaí agus airgead amháin]:
"'Raibh mórán 'san imirt?" = imirt airgid. [ní tiubhárfá
imreoirí ar ar dhaoine a bheadh ag imirt airgid,
ná cnaipí]
"Cá raibh an imirt indiu" (airgead)
"Cé mhéad a bhí idir-chamánuidhthe san imirt?" = cé mhéad
airgid a bhí in iomlán na ngeall a bhí curtha.
"'Raibh imirt mhór ann?" — mathshluagh daoine agus geallta
troma.
"Cé'n teach a mbeidh an imirt anocht" (cártaí)
"Cé na h-imreoirí a bhí 'tigh Sheáinín aréir (daoine
a bhí ag imirt chártaí)
"Raibh mórán ag imirt chártaí aréir?"
"Cé'n sórt imirt a thug tú orra(b)? Scaoil tú mo dhuine
isteach biorach agus bhuail tú do pháirtidhe": níor dhrann sé
le cártaí duine de'n chomlán a bhí in aghaidh. Scaoil sé

thairis é, ach bhuail sé an té a bhí i gcomhar leis fhéin.

"Bhí an chóisir mámhaisí agad, ach níor chuir tú cuma ar bith imeartha orra" = bhí go leor mámh agad, ach níor thug tú imirt na muice orra.

"Rinne tú droch-imirt annsin. Tuige nar lom tú an cíonán." = níor imir tú ceart iad; tuige nar thug tú an cionán.

"A dhiabhail áluinn! Tuige nach mbíonn tú san áirdeall ar an imirt = tuig{.}ann nach bhfaireann tú na cártaí a tha{gas} le clár

"Imir leat" = duine a bhuadhfadh an chúig roimhe sin déarfadh imreoir eile leis, tabhairt aríst.

"Imir as do láimh fhéin" — déarfaí é, nuair a bheadh duine ag cur iomarca cronuighe i gcártaí na n-imreoirí eile, agus ro-mhuinghníneach as a pháirtídhe, agus nach mbeadh sé 'baint a dhóthain leasa as a chuid cártaí féin.

"Leig tú do'n imirt a dhul amach" = nuair a dhéanfadh duine droch-imirt inganfios nó i gcuibhfios, agus go dtiocfadh an bun amach, nó go mbuachfadh comlán eile an cluiche.

"Imreocha mé anois ar do dhithcheall" = dhá fheabhas na cártaí atá agad anois, sárócha mise thú [deirtear i gcéill b é freisin]

(b) Imir: doibeart a bhualadh ar dhuine.

"D'imir sé orm" = bhuail sé doibeart nó cleas orm = chuir sé an chluain mhuimhneach orm = bhain sé mealladh asam = dalladh mullóg nó dalladh púicín.

"D'imreochadh sé chúig chárta le na leithide ar bith" = bheadh sé in don a cheart a bhaint amach in aon-chomhluadar nó in aon-chúrsa = bheadh sé síos nó suas le duine ar bith, dhá chleasaighe = chuirfeadh sé dalladh mullóg ort, th'éis do dhichill, in aon mhargadh nó in aon-phlé a bheadh agad leis.

"Tá mámh níos fearr ná'n cíonán agad, má's leat imirt ormsa" = má tá fút an chluain a chuir ormsa, ní f'láir dhuit a bheith fior-aigeanta fíor-ealadhanta amach a's amach.

"Is leat an chúig sin. Imir aríst" = nuair a bhéarfadh duine géarr nó greamannach ar dhuine

eile i gcainnt nó i sáruightheacht, déarfaí seo
leis an duine a rug = déarfaí é le duine abartha
a bheadh indon brabach a fhaghail ar chainnt chuile
dhuine, nó gob maith a thabhairt uaidh, nó a mbeadh
buadh naithidheachta aige.
"Dar príosta, is leat imirt arís" = nuair a bheadh
daoine ag sáruightheacht, agus a thiubharfadh duine do
lucht na sáruightheachta gob nó sáithteán maith uaidh,
déarfaí sin leis. Deirtear é freisin, nuair a bhíos
ionndúirí nó rianóirí ag cur tomhaiseanna
agus ceisteanna greamannacha ar a chéile.
"D'imreochadh sé ar righ na méaracán" = duine
a bheadh an-ghlic amach a's amach, agus a bheadh maon
a bheart a tharraint in áit i gcomhluadar nó
i gcúrsaí ar bith = duine a mbeadh an doibeart
nó an chleasuidheacht nó an chaimiléaracht ann.
"Ní imreochadh rí na méaracán air."
"Tá sé fánach agad a bheith 'ceapadh go n-imreocha
tú ar siúd."

"D'imir sé an cluiche claonach orm." = Rinne sé doibeart, caimiléaracht nó cneamhaireacht orm. Fear a d'imreochadh ar dhuine eile faoi mhargadh nó faoi ghealladh ar bith déarfaí leis é. Déarfaí le bean freisin é, a chuirfeadh cluain ar fhear, agus a d'fhágfadh ar an tráigh thirm annsin é, gan Murchadha gan Mághnus.

"D'imir tú an cluiche claonach orm
Is lághach éadtrom a bheidheas mo dheighleáil leat"
[sean-amhrán — "Gabha Ceardchan"]

Clár na h-imeartha = an bord ar a n-imrighthear cártaí: an áit a mbíonn cúrsa, margadh nó achrann ar siubhal. [Cé'n cárta a tháinig le clár = cé'n cárta a lomadh, a tugadh, nó a leagadh an chéad uair, nó i dtosach na h-iarrtha seo]

"Caith anuas annsin ar chlár na h-imeartha é go bhfeiceamuid céard tá ad" (agad) = deirtear seo le duine a bheadh ag coinneál suas cártaí mar dhóigh dhe, gur cárta maith é, go mbeadh an chuid eile imrighthe.

"Ní fhágfa tú clár na h-imeartha go n-innsighe tú dhomsa, cé'n chainnt a bhí ort fúm an oidhche dheireannach" = ní imtheocha tú as ball na h-áite seo agus rl. = ní fhágfa tú an áit a bhfuil tú agus rl.

"Bain do shásamh amach anois ó fuair tú ar chlár na h-imeartha é" = bain dioghaltas de, ó fuair tú do dheis air; ó thárluigh sé a bheith in áit go bhfuil deis ionnsuighthe air, nó deis chainnte leis.

"Cuir do chuid cártaí anois ar chlár na h-imeartha" = má tá ughdar sáruightheachta agad, nó rud le cur ar do shon fhéin, abair anois é.

"Ó casadh ar chlár an h-imeartha thú, caithfe tú cur díot" = ó's rud é, go bhfuil in áit nach féidir leat teicheadh ná "rith maith" a dhéanamh, caithfidh tú cur ar do shon féin, nó innsean cé'n t-ughdar go raibh do phlé le duine nó le cúrsaí áithride.

"Bhí mé istigh le tús na h-imeartha = nuair a thosuigh an imirt (cártaí nó airgead nó cnaipí etc.)

"D'eirigh sé as i lár na h-imeartha = nuair a bhí an imirt in a lár, thug sé suas

"Bhí suas le punt ar an gclár as deire na h-imeartha: bhí punt idir-chamánuidhe, agus an imirt ag tarraingt ar a deire.

"Níl aon-chlóic orm fós, ach níl fhios agam céard a dhéanfas mé as deire na h-imeartha = tá mé ceart go leor fós, ach níl fhios agam cé'n chaoi a mbeidh an sgéal agam indeire na cúise; indeire na ngnaithe; faoi dheireadh thiar thall; agus an rud ionann's thart.

"Céard is cor de'n imirt anocht?" = cé tá ag gnóthachan; cé mhéad airgid atá ar clár agus rl.

"Bíonn cead cainnte ag fear chaillte na h-imeartha." = [sean-fhocal] = an té a bhíos síos le rud nó le cúrsaí, níl aon-bhacainn air a bheith ag sgileigeadh leis, ach is ag déanamh a ghearáin le giolla gan truaigh a bhíos sé.

"Is fearr mac le h-imirt ná mac le h-ól" [sean-fhocal]

Imeartha — tá sé an-imeartha = glic, críonna, indon
doibeart a dheanamh; indon a bheart a tharraingt.

"'Sé is imeartha dá bhfuil sa tír."
"Ní imeartha go dtí é, a mhic ó, mo chroidhe."
"Bheadh ciall imeartha, ach níl a leithide faoi'n mbogha
gréine indiu = ní hé an oiread sin iongantais
amach a's amach a chuirfeá induine glic, ach tá
sé thar a bheith glic: níl righeachan ar bith le na
cuid glicis. [feach "ciall"]
"Nach h-imeartha an mhaise dhó é = tá sé an-ghlic!

Imeartas: Tá'n imeartas ann = is maith uaidh doibearta
a bhualadh ar dhuine eile, agus ealadhain a dhéanamh.

"Bí san áirdeall air siúd, mar tá sé indon
imeartas ar rí na méaracán.
"Dhéanfadh sé nead in do chluais le na chuid imirtis" =
Chuirfeadh sé an chluain mhuimneach ort, do do bhuidheachas
le teann gleacuidheachta.
Seán: Tuige a ndearna sé sin?
Tomás: Cá'r fhága tú an t-imeartas! = le neart
gleacuidheachta agus ealadhna agus droch-éisg a rinne sé
é.

"Ghoin m'aire mé, mar bhíos agam nach ó'n ngaoith a thug sé an t-imeartas = chuimhnigh mé in am nár mhór dhom a bheith ar m'áirdeall féin air, arae go mbadh dual athar agus sinnsir dó, a bheith glic agus go gcuirfeadh sé an chluain orm, dá dtugainn cluais ná áird air.

"Is deacair imeartas ar Shasana" = dalladh mullóg a chuir uirre.

"Thug sé an t-imeartas abhaile leis" = ba dual sinnsir dó an t-imeartas."

"Tá'n sionnach sáthach imeartha, ach beirtear air sa deire" [cineál leath-fhocail]

"Is gearr a thug a chuid imeartais é in a dhiaidh" = ní mórán cúise a bhí sé indon a dhéanamh aindeoin chomh h-imeartha, ealadhanta a's bhí sé.

"Má tharraingeann duine ar bith a bheart le teann imeartais, tarraingeocha sé siúd é. = má bhíonn duine ar bith indon a dhul chun cinn sa saoghal le teann gleacuidheachta, siúd é é.

Inrásta: (ingrásta?) Í. Ch. [ní cloistear i gCois Fhairrge]

"Níl sé inrásta tada a rádh leis, mar níl acfuinn grinn ar
bith aige = ní féidir tada a rádh leis, nach dtógfadh sé suas =
is contabhairt tada a rádh leis.
"Níl sé ionrásta ag duine, aghaidh 'thabhairt amach indiu = tá'n
lá ro-dhona.
"Níl sé ionrásta ag duine a chos ar chuir isteach thar an
tairsigh aige = d'ionnsóchadh sé thú dá gcuirtheá.

Ionbhearrtha (Í. Ch.): Níl an cailín sin ion-bhearrtha = ní bhfaightheá
leat í ar sheol na braiche. B'fhéidir gur t'ionnsuidhe a
dhéanfadh sí, nuair a rachthá chun bladaireachta léithe = ní
féidir í a thabhairt 'un míneadais. B'fhéidir go mbeadh
stainnc nó stuaic eicínt uirre ar láthair na h-uaire,
agus níor mhór duit a bheith ar t'áirdeall fhéin, nó
d'ídeochadh sí sin ortsa.

"Bhí sé ag ól agus ag ragarnaighil aréir, agus ní
mó ná ion-bhearrtha atá sé indiu = tá póit, cantal
agus colg air, agus is doiligh teangachtáil leis.
"Ní dream ionbhearrtha iad na sagairt" = go
h-iondamhail, ní dream tláth iad le dhul chun
cainnte leo. Bíonn cantal nó musán eicín
ingeall le i gcomhnuidhe orra. [Tá sé i gceist freisin
sa leagan cainnte seo, nach bhfaightheá do mhian]
[féach bearradh]

Imirce = athrú nó aistriú ó áit go céile.

"Is olc an imirce agad í" = déarfaidhe seo le duine nó beithidheach a d'athrochadh ó áit mhaith go dtí na mhalrait, nó go dtí áit nach mbeadh baol ar ionchurtha síos leis an gcéad áit.
"Ba mhaith an imirce aige í."
"Tá'n imirce sin, caithte in a cheann aige le fada = dhá n-aistrigheadh duine agus dhá mbeadh an rún aistrighthe aige i bhfad roimhe sin.
"Tá'n imirce sin caithte as a cheann aige."
"Is maith a chuaidh an imirce dhuit" = déarfaí é, dá dtagadh slacht ná séan ar dhuine de bharr aistrighthe

bara (baramhail) na h-imirce = fonn nó rún imirce imtheachta nó aistrighthe.

"B'fhearr dhuit fanacht ag dul chuig an scoil go ceann cupla bliadhain eile, mara bhfuil bara na h-imirce fút" = mara bhfuil fonn aistrighthe ort; imirce caithte in do cheann agad; fonn Ameriocá ort [Ameriocá a bhí igceist sa leagan thuas]
Ó tá bara na h-imirce faoi le fada = rún aistrighthe, imtheachta go dtí malrait áite.
[feach baramhail, baramhaintí]

Ionnlach: [deirtear únnlach agus unlach leis faoi Chonamara] (Í. Ch. agus C. Fh.).

Is ionnlach mhaith feamuinne an cnocán sin = plás maith

= giodán maith triomuighthe ar aghaidh na gréine.

"Tá ionnlach maith aice annsin (an mhóin) = áit a

mbeadh plás maith móna, nó giodán a dtiormóchadh

sí go h-éasga, cuirigcás bruach portaigh tirm.

"Sgar mé ar an ionnlach í" = móin, feamuinn nó

eile.

Iall (barriall) = (a) cineál ruadhóige le bróig, mála, suiste nó eile a cheangal

Iall leathair a fhastuigheas an colpán do'n bhuailteán sa súiste.

(b) Ial = míor

"Ní fágfa mé iall bheo ionnad = déanfa mé do lá = déanfa mé aon-lá amháin díot = marbhócha mé amach agus amach thú.

"Níl iall bheo ionnam ag an obair" = tá mé marbh ag obair. = níl ann ach go bhfuil an t-anam ar éigin ionnam le teann oibre.

(c) Iall bheo = buarach bháis, tuiriall tairiall: iall de chraiceann an duine a roistí de, (taréis a churtha) ó ladaircín go cluais: sailltí an stiall chraicinn seo agus choinnightí í mar bhí buadha grádha, innte, má b'fhíor. Déantaí an cleas seo, i rutaí de'n tír go dtí ceithre fichid bliadhain ó shoin, nó mar sin. (Í. Ch.)

[Féach Buarach]

Imleach = talamh bog ar bhord, fairrge, locha nó abhann. Go h-iondamhail bíonn sé faoi locháin maran muing é. [Tugtar, amanntaí ar thalamh ar bhruach na fairrge é agus gan de chéill leis ach talamh ar bhruach na fairrge.]

"Bhí na beithidhigh ar na h-imleachaí."

"Níl mórán sractha ar na h-imleachaí sin siar anois, arae tá siad sgeithte fré chéile" = níl mórán tomsachta ná cuid le n-ithe orra, arae tá'n fuarloch orra.

"Tá sé in a chomhnuidhe thíos in imleach fairrge" = ar bhruach fairrge.

Cloistear é go minic in ainmneachaí áiteachaí. i.e. na h-Imleachaí in aice abhann na gCnoc ar an teorainn idir Pobal Muighe Cuilinn agus Pobal an Spidéil

"Imleach Ruadh" i gceanntar an Chlocháin etc.

Imnidhe (Ím-rí) (Con.) Im-rí (Achr.) = cineál sgátha nó faitchís gur thárluigh nó go dtárlócha nidhthe áithride, narbh ait leat leat tárlachtáil. "Tá imnidhe uirre faoi'n' fhad's tá Seán amuigh" "Bhí imnidhe uirre agus is aice a bhí ughdar." "Ná bíodh imnidhe ar bith ort faoi, ní bhainfidh duine ar bith leis."

"Bhí lán a cruite d'imnidhe uirre, gurb é a mharbhú ar an mbóthar a déanfaidhe.
"Tá ar gceart imnidhe orainn, agus gan tusa a bheith ag cur tuille orainn" = duine a dhéanfadh nó adéarfadh rud eicín leis an imnidhe a méadú.
"I dteannta gach's a raibh d'imnidhe air, chuir fear an phosta tuille air.
"Is bocht an rud í an imnidhe, go bhfoire Dia orainn" = fágann an imnidhe duine in ainriocht.
Pádraic: Chinn orm an t'asal a fhaghail.
An Mháthair: Ní hé t'asal is measa liom, ach an imnidhe atá orm faoi Sheán, nach dtáinig abhaile fós.

An-imnidhe = mór-imnidhe.
"Ní bhíonn an imnidhe gan a h-anshógh fhéin" = nuair a bhíos imnidhe ar dhuine, ní bhíonn sé ar a chóir féin: ní fhéadann sé tada a dhéanamh, beatha a chaitheamh agus dá réir sin."
"Ní imnidhe gan ughdar í" = tá imnidhe orm agus fáth maith agam leis.
"Níl call imnidhe ar bith dhuit. Tiocfa sé fós anocht." = níl aon chruadhóg duit a bheith priaclach mar tiocfa sé uair eicínt anocht.
"Níl call ar bith imnidhe dhuit."
"Níl aon-chruadhóg imnidhe dhuit."
"Caith thart (dhíot) an imnidhe."
"Tagann an imnidhe uaithe féin" = tagann sí gan aon-ughdar agus gan duine ar bith a' tabhairt ghothadh uirre.
"'s mairg a mbeadh imnidhe air fút" = níor chóir do dhuine imnidhe a bheith air fút, mar níor bhaol duit, nó má ba bhaol, níorbh fhiú an imnidhe thú.
"Ní fiú a leath-oiread sin imnidhe a bheith ort faoi rud fánach mar sin"
"Níorbh fhiú an oiread imnidhe é agus rinneadh faoi."

"Tá a croidhe in a béal le imnidhe annseo ó thuit
oidhche."
"Sí an imnidhe chéadna a liath mo cheann fiche
bliadhain roimh an am"
"Is olc an earra (an eallach, an éadáil) í an
imnidhe chéadna.
"Is bocht an éadáil í mar imnidhe."
"Caith thart í mar imnidhe."
"Ní mórán samhaoine do dhuine imnidhe = ní dhéanann
sé aon mhaith do'n duine fhéin ná d'ughdar a chuid
imnidhe.
"Dheamhan imnidhe ormsa ná cuid d'imnidhe."
"Bheadh ciall imnidhe, ach bhí sí i gcruth tuitim
as a seasamh leis an mbail a bhí uirre"
"Dheamhan a dhath ariamh imnidhe a bheadh ar sin
dhá dtuiteadh an t-aer."
"Is aoibhinn do'n té nach mbíonn aon-imnidhe
air"
(Í. Ch.) "Ná raibh an séan ar an imnidhe céadna, ní mó
ná beo mé aice."
"Nach aoibhinn duit nach gcuirfeadh tada
imnidhe ort."
"Ná bíodh imnidhe ar bith ort faoi. Cuir ceirín
de'n dearmad leis = ná cuimhnigh chor ar bith air.
Sighle: Shílfeá go bhfuil imnidhe eicínt ort anocht.
Siubhán: Nach bocht dhom sin, agus Seán gan a theacht fós.
"Nach bocht dom imnidhe a bheith orm, agus nar facthas
aon-amharc imbealach ná indearmad le dhá
air" = is suarach an t-iongnadh go bhfuil imnidhe
orm.
"Imnidhe orm nó dhíom, is beag an mhaith dhom thusa
anois"
"Tá mo sháith imnidhe orm agus ceart agam air." = tá mo
dhíol imnidhe orm agus a ughdar agam.
"Dhá mbadh imnidhe bheadh uirre, ní ag imtheacht le
teasbach ar fud na tíre a bheadh sí."
"An té 'mbuaileann an imnidhe cheart é, ní
thugann sí forus ná suaimhneas dó" = nuair a thagas
fíor-imnidhe ar dhuine, ní bhíonn aon-chomhnuidhe air,

ach ag imtheacht anonn a's anall agus intinn chorrach aige.

"Bhuail imnidhe í, faoi nach raibh Peadar ar fághail = tháinig an imnidhe uirre, mar thiocfadh sí in a racht.

"Nuair a bhuaileas imnidhe mise, ní fhanann ithe mo chodach ionnam.

"Is beag an imnidhe a bhuailfeadh thú, agus mise amuigh!" = [ní bheadh aon imnidhe ort fúmsa!)

"Bhuail imnidhe mé, agus bhuail sí go maith mé, nuair a bhain sé an dó dheag, agus gan aon-chosamhlacht teacht air."

"Bhuail imnidhe mé, agus thiubhárfá imnidhe uirre, ní ag ceasacht ar Dhia é!

"Tabhair an leabhar go raibh imnidhe ormsa aréir."

Nóirín: Céard atá ort a mhama.

Tá'n imnidhe, ní ceasacht ar Dhia, agus ní measa rud eile.

"Sí an imnidhe an galra is measa a bhí ar aon-duine ariamh."

"Is breagh a thagas an imnidhe di = nuair a bhíos imnidhe uirre, tá sí indon í a leigean le na h-ais, agus cuireann sí barr dathamhlachta, uirre nó tugann sí fearr a's barr siubhail di, nó saghdann sí treith cáilidheacht eicín de'n tsórt sin a bhaineas léithi. [le greann is iondamhla adeirtear an leagan seo, agus go h-áithrid, má tá gailimaisidheacht, flosgaí, áidhbhéil nó cuid sunntais ag gabhail le imnidhe an té a bheadh i gceist. Ní bhíonn ann ach go leigeann an duine imnidhe air fhéin]

"Bhí sí ag leigint imnidhe uirre fhéin"

"Shílfeá mar a mbeadh aithne agad uirre, gur uirre a bhí imnidhe an domhain" = bhí sí ag leigean imnidhe uirre mar dhóigh dhe."

"Faraor gan mo chuid imnidhe ort"

"Mo chuid imnidhe ort!" = sórt easgaine.

"Níl a dhath imnidhe ó Dhia anuas air!" [Ó neamh; dhá bhfaca tú ariamh, agus rl.]
"Má bhí imnidhe air, níor leig sé sin chugamsa" (liomsa) = má bhí imnidhe air, ní raibh gothadh air, ná níor dhubhairt sé tada liomsa faoi.
Liam: Tá imnidhe orm!
Nóra: Imnidhe as ort! = [sórt easgaine; ná raibh an rath ort féin ná ar do chuid imnidhe; níl call imnidhe dhuit]
"Nuair a chuala sé an méid sin, chuir sé fearr a's barr imnidhe air, idteannta a raibh air cheana = tuille.
"Is beag aice siúd imnidhe orainn nó dhínn" = ní miste léithe, má bhíonn imnidhe orainn, nó nach mbíonn.

In imnidhe — Bhí mé in imnidhe fúithe ar feadh an lae = bhí imnidhe orm mar gheall uirre.
Bím igcomhnuidhe in imnidhe agad = is ughdar imnidhe dom thú igcomhnuidhe.
"Beidh mé in imnidhe mara dtaga tú in am"

Faoi imnidhe = in imnidhe = imnidhe a bheith ort.
"Ná fág faoi imnidhe mé anocht, mar fhágas tú i gcomhnuidhe. Bí isteach abhaile roimh am codlata" = má bhíonn tú amuigh taréis an ama sin, beidh imnidhe orm, mar bhíos orm i gcomhnuidhe, agus thú amuigh.
"D'fhága sé faoi imnidhe mé ar feadh an lae."
"B'fhearr do dhuine caillte, curtha, ná igcomhnuidhe faoi imnidhe."

Ag deanamh imnidhe = ar intinn duine; de rún ag duine.
"Céard tá ag déanamh imnidhe dhuit anois" = cé'n imnidhe atá ort: céard atá fút a dhéanamh.
"'Séard a bhí ag deanamh imnidhe dó, a bhféadfadh sé a dhul ag an 'gceol' = bhí sé de rún aige a dhul ag an damhsa. (Ceol = damhsa, céilidhe. Sin a tugtar air in áiteachaí i gConamara — Rosmuc), ach ní rabh fhios aige a bhféadfadh sé a dhul ann nó nach bhféadfadh.
"Sé a raibh ag déanamh imnidhe dó, an róthar" = sin é eile a raibh ag cur síos leis.
"Mura bhfuil ag deanamh imnidhe duit ach sin, ní bhainfe sé codladh na h-oidhche" = ní chuirfe an méidín sin mórán as duit.
"Dá mbeadh do ghnaithe [ghra] ag déanamh imnidhe dhuit ní annseo a bheitheá."
"Dá mbeadh do chuid leabhar ag déanamh imnidhe dhuit, sa mbaile in a n-éadan a bheitheá."
"Níl ag cur imnidhe air [= ag déanamh imnidhe dhó] ach mná."

"Pósadh atá ag cur imnidhe anois air" = tá fonn agus
rún pósta aige.
"Cúrsaí mná atá ag cur imnidhe air."
"Ná cuireadh an méid sin imnidhe ort."
"Ná leig do'n scéal sin imnidhe a chur ort."
"Ná déanadh sin imnidhe ar bith dhuit.
"Ní beag a bhfuil imnidhe orra agus gan imnidhe a bheith
orainne = tá imnidhe ar cuid mhaith daoine, agus ní
ceart dúinne a bheith ag cur tuille leo.
"Nach beag an luath aige aon-imnidhe a bheith air
faoi'n gcapall [féach "luath"]
"Tá sé marbh le teann imnidhe."
"Níor mharbhuigh an imnidhe ariamh é" [feach "marbhuigh"]
= ní mórán imnidhe a chuirfeadh rud ar bith air; is beag aige
an imnidhe.
"Ní leigfeadh an imnidhe dó corruighe amach" = ní rachadh sé amach
as an teach le teann imnidhe [féach "leig"]
"Is beag an dochar dhom imnidhe a bheith orm, agus nach bhfuil fhios
agam an beo marbh é" = ní h-iongnadh ar bith imnidhe
a bheith orm, agus gan fhios agam nach marbh atá sé.
"Má's cúrsaí imnidhe é, tá sé chomh córa dhúinn uilig
imnidhe a bheith orainn leatsa." = má's rud é go
bhfuil imnidhe ortsa, ba cheart go mbeadh imnidhe
ar an gcuid eile againn chomh maith. [le foighid a
chur induine, nó le na chuid imnidhe a mharbhú, deirtear
é — deirtear ar bheagán sásaimh é freisin]
"Má's in é an scéal é, is suarach an t-iongnadh dhuit
imnidhe a bheith ort" = má tá an scéal mar adeir
tú, ní h-iongnadh ar bith go bhfuil imnidhe ort.
"Tá sí in imnidhe ar bheagán ughdair."
"Is mairg dhomsa a mbeadh imnidhe orm, sgáth a
raibh d'imnidhe ar a bhean fhéin" = "is mór an
díthchéille dhomsa a bheith in imnidhe faoi, agus gan
imnidhe ar bith ar eigin ar a bhean.

Teacht chun imnidhe ('un imnidhe): "Tá sé teacht 'un imnidhe uirre"
= tá imnidhe ag teacht uirre."
"Tiocfa sé 'un imnidhe uirre ar ball, feicfe tú
féin!" = tiocfaidh imnidhe uirre amach annseo

agus feicfe tusa sin [beidh sé follusach agad]
"Má thagann sé 'un imnidhe ormsa, is cruadh an
cás é" = beidh an-ughdar imnidhe agamsa, le
imnidhe a theacht orm.
"Tá sé teacht 'un imnidhe air nó indáil leis (ingeall)
= is beag nach raibh imnidhe air.
"Tá'n imnidhe ag teannadh leis, anois" = tá'n imnidhe
ag teacht air.
"Tá'n imnidhe ag priocadh leis, agus sin í an cailín
aige!" = tá imnidhe ag teacht air, agus sin í atá
deas air é a chur' in ainriocht, nó é a chlaoidheadh.
"Ní fhaightear cáirde ó'n imnidhe" = ní thugann an
imnidhe aon-ionbha uaithe = tagann sí d'aon iarraidh.
[Rí-annamh a cloistear é, ach bhíodh sé ag corr
shean-dhuine]

Bain dó: Cé'n imnidhe a bhain dó? (dhe) = cé'n imnidhe a
bhí air = céard a bhí de rún nó d'fhonn air a dheanamh.
"Cé'n imnidhe sin ort a dhuine?" = níl call
imnidhe ar bith dhuit.
Tomás: Bhí Seán Liam dállta ar meisge aréir.
Micil: Dallta le imnidhe a bhí sé: [sí an imnidhe
a chuir sa gcruth é a raibh sé 'fhearacht is dá
mbeadh sé óltach).
"Tá sí ag baint faid as a cuid imnidhe" = d'aon úim
leigeann sí imnidhe uirre, nuair a bhíos ughdar a
h-imnidhe thart.
"Ná tabhair lá áird' ar a cuid imnidhe" = ná bac le na
cuid imnidhe: má tá ughdar imnidhe aice, is ughdar fánach
é.
"Ná géill dá cuid imnidhe" = ná tabhair aon-áird ar
a cuid imnidhe.
"Bíodh ciall agad, agus ná géill do'n imnidhe" = ná leig
an imnidhe in do ghoire: ná bac le imnidhe a bheith
ort."
Máire: Céard tá ort a Sheáin.
Seán: Imnidhe an tsaoghail = [bhí sé ag déanamh imnidhe
fá chúrsaí a shaoghail fhéin, agus go raibh an saoghal ag
dul in aghaidh, agus nach raibh sé indon a bharruidheacht]

"'Sí imnidhe an tsaoghail a d'fhága mar tá tú thú
= marach iomarca imnidhe faoi obair a's luadhainn,
agus faoi chúrsaí do shaoghail féin, ní bheitheá in anchaoi
[tinn, mió-shláinteamhail, suaidhte nó liath' b'fhéidir]
mar 'tá tú.
"Imnidhe an tsaoghail a liath mo cheann."
"Is mairg a gcuirfeadh an saoghal imnidhe air."
"Ní bhíonn in imnidhe an tsaoghail ach seal" = ní chuireann
an saoghal imnidhe orainn i gcomhnuidhe.
"Tá mé pósta agus imnidhe an tsaoghail [cúram an tsaoghail
freisin] orm, agus ar ndó' níl tú ag súil go mbeidhinnse
ann."
"Imnidhe an tsaoghail a mheathas daoine" = a chlaoidheas
iad, a chuireas canntal a's gruaim a's dá réir sin
orra.

Imnidhe an tsaoghail (ciall eile) = go leor imnidhe.
Tá imnidhe an tsaoil uirre = go leor imnidhe (tabhair
faoi deara gur ar "an tsaoil" a chuirtear ceann trom
na béime sa gcainnt agus an chiall seo leis, agus go snadhmtar
na trí fhocla le chéile agus go n-abruightear iad d'aon-
iarraidh amháin; ní h-ionann sin agus is na somplaí
eile réamhráidhte a bhfuil malrait céille leis an
leagan. Is na somplaí sin, deirtear "imnidhe" agus
saoghal mar fhocla ionnta fhéin, go mall réidh, agus
comh-bhéim an ceann orra).
"Tá imnidhe an tsaoghail air faoi'n gcur. = go leor
imnidhe.
"Tá imnidhe an tsaoghail mhóir air." = an-imnidhe
críochnuighthe.
"Tá imnidhe an mhió-ádha air" = an-imnidhe
Tá sé in imnidhe críochnuighthe air = fíor-imnidhe.
"Ní h-ionann an imnidhe agus tada eile. Teigheann
sí thríot ar fad."
"Ní imnidhe gan adhbhar atá agam" = tá ughdar le
mo chuid imnidhe.
Deirimse imnidhe leat a dhuine! Siúd í a bhfuil imnidhe
uirre! = tá an-imnidhe críochnuighthe uirre.
"Sin í an imnidhe eile atá uirre sin! = ag leigean uirre
atá sí, níl imnidhe ar bith uirre.

Imnidheach = tá sé imnidheach = tá imnidhe air; priaclach;
corr-mhéineamhail.

"Is tú atá imnidheach"
"Is tú atá imnidheach anshóighteach" = priaclach, corr-
mhéineamhail; má tá ughdar ar bith casaoide agad, ní
baol nach gcuirfe tú i gcos árd é; ní bheidh béal

marbh ort, má tá aon-cheo ag goilleamhaint ort.
[Deirtear an leagan seo go minic le páistí, a bhíos ag
síor-ghlámhóid má bhíonn anshógh ar bith orru, cuirimigcás
oiread dhá laghad tinnis, nó ocrais]

Imnidhteach = imnidheach [imnidhteach go h-iondamhail igConamara]

"Tá sí an-imnidhteach de'n tsaoghal = tá an-imnidhe
amach a's amach uirre.
[fuaim = ím-ríteach]
"Is mairg a bheadh imnidhteach fút."
"Tá Sasana imnidhteach ar na saoghalta seo, má's féidir
na páipéir nuaidheacht a chreisteamhaint."

Imreas: clampar, troid, báilséire, uisce faoi thalamh.

"Tá imreas eicín ar siubhal acu = troid nó
clampar eicín.
[Is rí-annamh a chloistear é igConamara. Sa
sean-fhocal "is fearr an t-imreas ná an t-uaig-
neas", troid a bhíos i leaba imreas i gcomhnuidhe
i.e. is fearr an troid ná'n t-uaigneas]

Imreasán: troid, gleo, clampar, uisce faoi thalamh
gleacuidheacht, doibeart.

"Ag iarraidh imreasáin a chuir in a shuidhe atá sé"
= ag cothú clampair; ag ughamachan scléipe, atá
sé.
"'Sé fear an imreasáin é" = níl fear a bharrtha
le faghail, ar' fheabhas is tá sé indon achrann a shaghdadh

Imthigh: (imtheacht, d'imthigh agus rl.) = dul ó áit nó ó chruth áithrid.

(a) "Tá sé ag imtheacht as ar fad le goirid = dhá ghoid as, ag
tanuidheachan, ag cailleadh na feola, 'dul in ísle bhrigh.
D'imthigh sé as ar fad le mhí = thanuigh sé; níor fhan bior eanga air.
"Is mór atá sé imthighte as, le sgathamh."
"Tá sé imthighte ar an uisce bruithte uilig ó bhuail an ruaig
sin é = tá sé an-tsnuighte, an-tanuidhe, amach a's amach
ó tháinic an tinneas nó'n galra sin air.
"Ní fhaca mé le na cianta é go dtí indiu, agus tá sé
an-imthighthe as = an-tanuighthe, an-tsuaidhte.
"Ní raibh mé chomh h-imthighthe as ariamh a's tá mé."
"Ní fhéadfadh sé a bheith chomh h-imthighthe as, marach go bhfuil
claoidhteacht eicínt air" [claoidhteacht = tinneas, galra, ughdar
fuasaoide, lagachan].
"Ná bac le duine ar bith atá chomh h-imthighthe as leis. Is
ar a chruadh-chúis dó srianadh thríd." = na bíodh aon-mheas agad
ar dhuine ar bith, atá chomh snuighte, caithte leis, arae is
ar éigin a thiocfas sé slán ó'n ngalra atá air."
"Is deacair dhom aon-mheas a bheith agam air, a's chomh h-imthighthe
as a's tá sé." = ní fhéadfainn a rádh gurb í mo bharamhail
go bhfuigheadh sé biseach agus chomh tuartha caithte agus atá sé"
"'Bhfaca tú aon-díthreabhach ariamh atá chomh h-imthighthe as
leis" = 'bhfaca tú duine ar bith atá imthighthe ar an
uisce bruithte mar é.
"I leabaidh a theacht chuige féin, is ag imtheacht as atá
sé chuile lá." = in áit biseach a fhágáil, sé'n chaoi
'bhfuil sé ag dul chun laige.
"Shílfeá nach bhfuil sé an-imthighthe as."
"Shílfeá nach mbeadh sé chomh h-imthighthe as ar fad, agus an cothú (bheatha)
atá sé a fhághail.
"Shoraidh dhuit! Maran tú tá imthighthe as."
"B'fhearr do dhuine imthighthe as féin ná séidhte suas mar
í siúd = b'fhearr do dhuine suaidhte nó teithte chun
feola.
"Is suarach an t-iongnadh dhom a bheith
imthighthe as agus laghad a bhfuil mé fhaghail de bheatha" = ní iongnadh ar
bith mé a bheith tanuidhe, agus nach bhfaghaim mo leat-sáith cothuighthe.
"Is beag an dochar di a bheith imthighthe as, agus nach n-íosfadh sí
stiallóg aráin in imtheacht seachtmhaine = ní h-iongnadh ar
bith go bhfuil sí tanuidhe, agus nach mbeadh cion stiallóige aráin
ithte aice i gcaitheamh seachtmhaine.
"Tá'n gamhain sin an-do-thóigthe: d'imthigh sé as ar
fad ó cuireadh ar an sliabh é" = is deacair é a bheathú (is deacair
a dhíol beatha nó a dhíol d'en bheatha a thiocfadh leis a thabhairt

dó) mar thanuigh sé, agus d'imthigh an t-ordú de, ó cuireadh ar an sliabh é. = níor fhan aon-sliocht air ó h-athruigheadh go dtí an sliabh é, mar is deacair a dhóthain cothuighthe a thabhairt dó, ingeall go bhfuil an-ghoile aige.

"Tuige nach n-imtheochainn as, agus nach ndeacha greím ar mo bhéal le dhá lá." = is beag an dochar dom imtheacht = is suarach an t-iongnadh go n-imtheochainn as."

"Ní h-ionann imtheacht as agus teacht chugad féin aríst" = is fusa go mór an t-ordú a chailleadh, ná é a chuir suas aríst.

Tá sí an-imthighthe as de'n tsaoghal" = tá sí chomh caithte leis an bhfiteoig; níl bior-eanga uirre; d'fheicfeá na beithidhigh thríthe.

"Má's cúrsaí imtheacht as é, níl mórán le cois na slainte ag ceachtar againn, ní ag ceasacht ar Dhia é" = deirtear seo i gcómhradh, nuair a déarfadh duine amháin go raibh sé imthighthe as ar fad. Déarfadh an duine eile an leagan réamh-ráidhte, le h-innsean; ó's ag cainnt dóibh ar "imtheacht as" é, go raibh sé féin chomh h-imthighthe as leis an té a labhair. [sin cainnt nach gcloisfeá ag

fir. Ag mná a chloisfeá an leagan sin agus a mhac-
samhail i gcomhnuidhe]
"Tá mé imthighthe as, ní ag ceasacht ar Dhia é!"
"Nach bocht dom a bheith imthighthe as, agus an ruaig a chuir mé
dhíom" = ní h-iongnadh ar bith go bhfuil mé tanuidhe agus
an geábh tinnis a bhí orm.
"Má bhíonn tú chomh h-imthighthe as sin i gcomhnuidhe, is
truagh do'n bhean a phósfas tú. Beidh a sáith de'n tsaoghal aice
ag iarraidh smaise a chur ort."
"Is mairg a bheadh imthighthe as, agus feoil agus dole le faghail i
mbarr-bachall" [sgurach óg adubhairt é le duine eile, a bhí
tanuidhe tabharta, cupla bliadhain ó shoin, nuair a bhí mairtfheoil le
faghail in aisce ag lucht "dole"] = níor cheart do dhuine ar bith
a bheith tanuidhe, tabhartha, agus feoil agus "dole" le fághail go
fairsing.
"Tá sé chomh h-imthighthe as sin, gur deacair leis a theacht
chuige féin" = tá sé chomh tanuidhe sin, agus gur doiligh
feoil ná slacht ar bith a chur aríst air.
"Marach go bhfuil sé tolgtha, ní imtheochadh sé as mar sin"
= marach go bhfuil sé fabhtach istigh, ní rachadh sé 'un
tanuidheachan ar an toirt mar chuaidh sé.
"Céard a bhéarfadh dó imtheacht as d'aon iarraidh mar

sin, marach go bhfuil lán a' cruite den eitinn air.

= cé'n t-ughdar go dtanóchadh sé ar an toirt boise,

marach an eitinn a bheith air, agus í air go maith.

"Tá sé fabhtach. Sin é an fath go bhfuil sé ag imtheacht

as"

"Tá chuile chosamhlacht air, ach cosamhlacht imtheacht' as."

= déarfa go raibh sé ag tuitim chun feola ó'n a ghothadh,

ach ar aon-chor, ní raibh sé ag tanuidheachan a dhath.

Cáit: Dubhairt sí go raibh tú imthighthe as go mór le tamall.

Máire: "Nár fhág sí le'n innsean (n-innseacht) é, go mbeinnse

imthighthe as!

"Tá sé imthighthe as go diabhalta (go millteach, go

h-uathbhásach agus rl.) le goirid."

"Tá tú ag imtheacht as, chomh mór sin, agus nar mhór

duit a dhul rómhat féin go goirid" = níor mhór dhuit

breathnú in do dhiaidh féin, dochtúr a cheadú nó eile.

Imtheacht [imteacht, imthighthe, d'imthigh, imtheocha agus rl.] = bás, oidheadh.

"Bhí an t-imtheacht air. = "bhí sé indán dó bás fhaghail

[Déarfaí seo le duine nó beithidheach a caillfí. Tá a bheag nó a mhór d'fuigheall pirseoige ar an gcainnt seo, agus go h-áithrid, tá sin le brath ar an gcaoi a ndeirtear í]

"Is fearr imthighthe é ná muid féin" = nuair a gheobhfadh beithidheach, cat, madadh etc. bás. [Fuigheall pirseoige annseo aríst]

"Má tá an t-imtheacht ar thada, is fearr linn ar an mbeithidheach ná ar an duine é" = an bás.

"Nár imthighidh uainn ach iad! = [easgaine]. Déarfaí seo nuair a caillfidhe madadh, cut, nó mion-bheithidheach de'n tsórt sin. [Bíonn sé i gceist in intinn an chainnteora go raibh an bás ar rud eicínt, agus go raibh sé sásta gurab é an mion-bheithidheach a d'imthigh, in áit an duine]

Déarfaí an leagan réamhráidhte freisin le gangaide agus droch-chroidhe do dhuine nach mbeadh gnaoi na grásta agad air

"Má tá an t-imtheacht ort, caithfe tú cur díot" = má tá sé ar do chrann bás fhaghail, gheobhfa tú bás.

"Ní raibh an t-imtheacht air" = déarfaí le duine é a tháinig thrídh chontabhairt mhóir, nó duine a raibh déanta le na bhás, agus a tháinig as. Deirtear amanntaí freisin le beithidheach é, mórán sa gcás céadna.

"Ní air a bhí an t-imtheacht" = déarfaí é, cuirigcás, le sean-duine claoidhte a mbeadh sé in am aige bás 'fhaghail agus nach hé a chaillfí in a dhiaidh sin, ach duine óg, luath láidir b'fhéidir in aon-theach leis.

"Is maith nach ar Pheaits a bhí an t-imtheacht" = ní ar Pheaits a bhí bás a fhághail; nach beag an luath ag an mbás é crochadh leis. [Tá míniú chleasach (subtle) annseo — b'fhéidir nar thaithnigh Peaits leis an gcainnteoir, nó b'fhéidir gur thug Peaits a eang leis ó'n mbás chomh minic sin roimh sin, agus go raibh an cainnteoir ag iarraidh a chuir igcéill, nach raibh indán báis beag ná mór dó]

"Nuair a bhíos an t-imtheacht ar dhuine, níl aon-ghoir aige dul uaidh" = ní féidir a theacht ó'n mbás, nuair a thiocfas sé ar do chrann.

"Tá sé imthighthe anois, agus nár leige Dia go gcuirfeadh muid bréag air" = tá sé básuighthe, agus ó's rud é go bhfuil sé básuighthe, sé'n rud deire ab áin linn a dhéanamh bréag a chur ar an marbhthán.

"Céard a dhéanfas sib nuair a bheidheas mise imthighthe. Deanfa sibh a bheith go dona" = nuair a bheidheas mise básuighthe, agus sibh in bhur dtuilleamuidhe fhéin, beidh sib ar an-chaoi, arae ní bheidh sibh indon tada a dhéanamh de'm uireasbha (déarfadh athair nó máthair le na gcloinn é)

"D'imthigh a dtiocfa a's a dtáinic ariamh" (sean-fhocal)

"Tá'n duine bocht imthighthe anois, agus tá súil le Dia, agam gur maith an mhalrait aige é." = tá sé básuighthe agus is fearr dhó an saoghal eile ná'n saoghal seo; tá sé 'sna Flaithis.

"Ó d'imthigh an t-athair, níl aon-fhorfás ar an teach" = ó cailleadh an t-athair, níl a bhfuil fágtha sa teach ag déanamh aon-dul chun cinn.

"Nuair imtheochas mise is truagh dhaoib" = nuair a gheobhfas
mise bás, beidh sibh in ainriocht [athair nó máthair,
ag cainnt le na gcuid cloinne]
"D'imthigh sé óg go leor sa saoghal" (luath go leor
sa saoghal) = fuair sé bás óg.
"D'imthigh sé idtús a shaoghail a's a mhaitheasa"
= cailleadh é óg.
"Cé tá imthighthe anois" = caillte.
"Bhí ál breagh geadha agam agus d'imthigh siad orm uilig =
cailleadh iad.
"Ó d'imtigh Cáit orm, tá mé in mo bhior in aon-tsúil"
= ó cailleadh Cáit, tá mé taobh le duine
amháin cloinne.
"Tá mé taobh leis an mbó sin anois, agus má imthigheann
sí sin orm, beidh mé in an-chaoi ar fad."
"Is bocht an rud duine 'fheiceál ag imtheacht óg
mar sin" = ag fághail bháis agus é óg.
"Nár mhór ab fhiú dóibh dá mbadh {dh}é an sean-fhear
a d'imeochadh in áit an athar."
"Cé'n uair a chonnaic tú droch-dhuine ag imtheacht.
Nach hé an deagh-dhuine a imthigheas igcomhnuidhe"
= sé'n deagh-dhuine a fhaghas bás igcomhnuidhe in áit
an droch-dhuine.
"Ní imtheocha sé sin go mbeidh aois chapall na muinntire
aige" = ní bhfaighe sé bás go mbí sé in a Dh-l le aois
"Nár imthigh mé choidhchinn, go mbí tusa romham!"
= nár fhagh mé bás go h-éag, go mbí tusa básuighthe
romham [deirtear mar easgaine é le gangaide, ach
is minicí a deirtear le greann é]
"Cuirfe mé thusa rómham fós, sul a n-imthighe mé"
= gheobhfa tú bás romhamsa (déarfadh sean-duine
nó duine éagcaoineach é, le duine eile nach mbeadh
chomh sean nó chomh h-éagcaoineach leis fhéin)
"D'imthigh Fionn agus an Fhéinn"
"D'imthigh Fionn agus na Seacht gCatha breagha a bhí ar an
bhFéinn."
"Níor mhaith liom imtheacht go bhfeicfinn mo chlann

i gcrích = níor mhaith liom bás 'fhaghail go bhfeicfinn
mo chlann pósta, agus iad ag déanamh dóibh féin.
"Níor chás do dhuine imtheacht dá mbeadh duine eicínt as
cíonn a pháistí" = ní bheadh sé leath chomh dona bás
'fhaghail, dá mbeadh duine eicín le aire
a thabhairt dá chuid páistí [máithreacha a
bhíos ag éagcaoineadh adeireas é]
"Má d'imthigh sé féin, rinne siad gnaithe mhaith
(gra) in a dhiaidh" = má fuair sé bás féin, ní mórán
a chuir sé as dóibh; bhíodar indan an obair a
dhéanamh aindeoin sin. [Déan idir-dhealú idir
é seo agus "má d'imthigh sé fhéin, rinne siad ghnaithe maith dá
fhuireasbha" = go h-iondamhail, imtheacht go Ameriocá
nó imirce eicín a bhíos i gceist sa
leagan deireadh seo, agus ní bás]
"Nár imthighe mé choidhchinn a's nár chaille mé an
greann
Go mbidh mé, a's mo mhian seal sínte faoi bharra
na gcrann" [sliocht as sean-amhrán —
i "mBean an Fir Ruaidh" a bhíos an cheathramhadh in
áiteachaí, agus sa'n "Abhainn Mhóir" in áiteachaí eile]
"Ní fhaca mé an oiread daoine ariamh ag imtheacht, a's
d'imthigh le goirid. Ní fhanócha duine
ar bith beo, ach grásta Dé"
"Deir siad go raibh Domhnall indan beithidhigh a chuir ag
imtheacht in áit daoine" [sliocht béal-oidis. Ba "fear
luibheann" é Domhnall, agus de bharr na buadha a bhí
aige, chuirfeadh sé beithidheach chun báis i leaba duine,
nuair a bheadh an bás ar an duine. As an
gcreisteamhaint a bhí ag daoine sa mbuadh seo,
a tháinic cuid mhaith de na leaganachaí agus de na
h-easgainidhe atá in áireamh annseo]
"Má tá indán's go n-imtheocha sé an iarraidh seo,
ní raibh a leithide de thórramh i bhfataí ná i gcoirce
ariamh a's bheidheas air." = má fhágann sé bás, an
babhta seo, beidh an-tórramh amach a's amach air.
[Aos óg a shamhlóchadh seo le sean-duine, arae bheidís ag
súil le neart grinn a's óil ar a thórramh]

"Má tá an t-imtheacht ar dhuine eicínt, nár
leige Dia gur ar mo chrann-sa bheadh" = má tá an
bás ar dhuine eicint, tá súil le Dia agam
nach ormsa é.
"Cé shílfeadh go n-imtheochadh sé d'aon-iarraidh mar
sin, a's nach raibh fear sa tíre, ba láidre ná é
i gcosamhlacht" = duine a gheobhfadh bás tobann.
"Bíonn daoine chomh h-amplúdhach sin, a's go síleann siad
nach n-imtheocha siad choidhchinn."
"Ceapann cuid de na daoine nach bhfuil indán imtheachta
chor ar bith dóibh."
"Nach gcaithfe duine eicínt imtheacht. Cé'n sórt
saoghal a bheadh ann, dá mbeadh na daoine beo
i gcomhnuidhe."
"Má tá sé indán ag Dia dhó, imtheocha seo, agus
mara bhfuil, ní imtheocha."
"Ní imtheocha tú go mbí do lá caithte. Ní choinneochadh
an saoghal annsin thú." = ní fhághann duine bás,
go mbíonn a sheal tugtha, nó pé'r bith cé'n saol
a cheap Dia dó: tá sé fánach aige a bhí ag
iarraidh maireachtáil níos fuide."
"Pé'r bith cé'n saol a gheall Dia dhuit, ní imtheocha tú
go mbí sé sin caithte" (nó istigh)
"Déarfadh sí indiu agus an lá sin, nach imthighthe chor
ar bith a bhí sé, ach gur fuadach as a bhí air" =
chreid sí nach bhfuair sé bás ar bith, ach gurb
iad na sidheogaí a thug leo é, agus gur fhágadar
"sean-lionnán (leannán) eicínt eile" in áit.

Imtheacht (D'imthigh) = Tá, cumas nó cumhacht eicínt ag fagail smáil nó
fuighill ar dhuine. [D'imthigh = d'imir?]
"D'imthigh an diabhal air, marab é atá ámhuilleach"
= tá sé an-ámhuilleach; chomh h-ámhuilleach leis an
míádh nó leis an D-l. [Easgaine thláth é]
"D'imthigh an míádh ort le caoi a bheith ort" (Déarfá

le asal meargánta do-cheannsuighthe é, nó le páiste canntalach, ámhuilleach nó glamhóidheach, nó le duine a mbeadh ceird eicínt air, nach dtaithneochadh leat].

"D'imthigh an D-l críochnuighthe anois ar an aimsir" = nuair a bheadh droch-aimsir ann; aimsear an-dona ar fad.

"D'imthigh an míádh mór air" = déarfaidhe le duine dreabhlásach, achrannach, réiceamhail nó ealadhanta é.

"D'imthigh an tubaiste ort, le ceird a bheith ort!" [Déarfá é nuair a bheadh duine ag gabhail de rud eicínt nach dtaithneochadh leat, nó nuair a bheadh duine ag ámhuilleacht, ag ealadhain, ag ól, ag sgithleigeadh bréag nó a samhail]

"D'imthigh an cathú ort le cleas a dhéanamh" = céard a chuir de chathú ort a leithide de shaothar nó de chleas a dheanamh?

"D'imthigh an tubaiste ar fad anois air ó thosuigh sé ag ól" = bhí sé sáthach dona sul ar thosuigh sé ag ól, ach is seacht measa anois é. [Thiocfadh go mbeadh malrait céille leis seo freisin, agus bíonn uaireannta i.e. sí neart na tubaiste agus an mhíádha a bhí anuas faoi na mhullach, a chuir ag ól é. Marach go raibh an oiread míádha air, ní thosochadh sé ar an ól]

"D'imthigh an D-l uilig air, má's ag ól atá sé aríst" = níl aon-mhaith dá chomhairleachan (: tá'n míádh críochnuighthe air) má thosuigh sé ag ól in ath-uair.

"D'imthigh an míádh orra le bail a chur ar mo chuid coirce" = is orra a bhí an míádh gur chuireadar an bhail, a chuireadar ar mo chuid coirce (ach tá beagáinín de'n ghangaide agus de'n easgaine ann freisin).

"D'imthigh mac an D-l ort, nach bhfaightheá áit ar bith le iarraidh de do shean-spáig a thabhairt dom ach isteach ar mo sháil thinn."

"D'imthigh an clampar ort le caoi a chuir ar
an móin!" = an-chaoi nó droch-bhail a chuir sé
ar an móin; D'fhága sé an chruach béal in
áirde gan chuma gan chaoi, nuair a líon sé an
t-ualach aisti, agus d'ól a raibh de bháistigh sa
spéir."
"D'imthigh an deabhac ort!" = D'imthigh an diabhal ort.

D'imthigh an cat mara ort le na leithide de chleas a dhéanamh" = tá an cat mara, nó an míádh críoch-nuighthe ort agus a leithead de chleas a dheanamh.

"D'imthigh na seacht ndiabhal déag ort." = tá tú an-dona, an-ámhuilleach; an-bhainte amach; an-mhíadhásach.

"D'imthigh diabhail Ifrinn ort!" = is measa thú ná na h-aidhbheirseoirí fhéin, ó dhonacht iad.

"D'imthigh diabhail agus deamhain [diúin adeirtear] ort" = is measa tú ná na diabhail agus na deamhain; sháruigh tú diabhail agus deamhain.

"D'imthigh na diabhail bheaga agus na diabhail mhóra ort" = sháruigh tú na diabhail bheaga agus mhóra le neart ámhuilleachta nó

cathuighthe nó cat mara nó gnaithe gan iarraidh, nó a macsamhail.

[D'imthigh: D'imir is dóigh atá ann (féach Foclóir Uí Dhuinnín — "imir") ach d'imthigh a deirtear. Ní bhaintear aon-leas as, ach san aimsir chaithte amháin — d'imthigh — agus mar sin fhéin, le beagán focal atá gaolmhar le diabhlaidheacht nó míádh, cuirimigcás, diabhal, cat mara clampar, tubaiste etc. Ní cloistear é le h-aon chuid eile]

Imthigh (imtheacht agus rl.) = glaodhach; iarraidh, éiliughadh.

"Bhí an-imtheacht ar bheithidhigh ag an Spidéal indiu"
= glaodhach: bhí an-ghlaodhach orra; bhí cuid mhaith ceannachthóirí dhá n-iarraidh.

"Mara mbeadh an "price" féin orra, is breagh an rud an t-imtheacht a bheith orru."

"Níl aon-imtheacht ar chaoirigh anois, {le cupla} aonach anuas; níl sin."

"Bhí muca lasta indiu, agus imtheacht {orra} dhá réir."
= "Bhí price maith orru, agus bhí glaodhach orra freisin.

"Ní hé an oiread sin imtheacht' a bhí ar ghamhna indiu, ach ghéaruigheadar beagáinín sa "bprice" ó'n aonach

deireannach" = ní raibh mórán glaodhach orra, ach bhíodar roinnt árduighthe."

"Is ar leath-cholapaí is mó a bhí imtheacht indiu" = ceannacht agus éiliughadh.

"An ceann a d'imthigh chor ar bith ar an aonach seo, chuaidh sé "price" maith" = an ceann a ceannuigheadh chor ar bith ar an aonach deireannach, chuaidh sé airgead maith.

"Ní raibh cailleadh ar bith ar an bprice, ach dheamhan imtheacht ar bith a bhí orru."

"Cé'n mhaith an t-imtheacht, nuair a chaithfeas tú scaradh leo(b) ar leath-luach."

"D'imthigh sí uaim luath go maith sa ló; scaoil mé uaim í" = dhíol mé í faoi na luach go maith, luath sa ló.

"Imtheacht orru nó dhíobh, ní fiú a bheith dhá mbeathú anois" = is cuma glaodhach a bheith ar eallach nó

gan a bheith, ní íocfadh sé duine iad a bheathú,
sgáth a bhfuil le fághail orru.
"Ní raibh aon-imtheacht mór ar chaoirigh ar aonach an
Chnuic, mara mbeidís an-ramhruighthe."
"Sé'n t-imtheacht céadna atá orru, le chúig
aonach anuas, agus is beag é sin."
"Deirimse imtheacht leat! Níor fhiafruigheadh dhínn
cá raibh muid ag dul ó chuaidh muid ann go
dtáinic muid abhaile arís."
"Is fánach an t-imtheacht a bhí ar chaoirigh,
agus maidir le beithidhigh ní raibh fear a
n-iarrtha ann" (nó fear a bhfiafruighthe)
"Bheadh ciall gan aon imtheacht a bheith ar stoc, ach níl
an 'price' orru ach an oiread."
"Is beag an dochar do na buláin gan aon imtheacht
a bheith orru, agus an tír beo le buláin" = tá an
oiread sin bulán sa tír, agus nach bhféadfadh aon
-ghlaodhach a bheith ar mhór-chuid acu.
"Nach bocht nach mbeadh aon-imtheacht orra, agus gan
mórán ag dul go Sasana anois chor ar bith le
h-ais a gcuirtí ann roimhe seo" = is suarach
an t-iongnadh nach mbeadh aon-ghlaodhach ar eallach
arae, is beag bulán a chuirtear go Sasana
anois, ar ghualainn an méid a chuirtí ann
fadó."
Seán: Ní raibh droch-imtheacht ar bith ar eallach
indiu.
Pádraic: Sin é an t-imtheacht eile!
"Coinnigh iad, go dtaga imtheacht orru aríst."
"Dheamhan ar mhiste liomsa dhá mbeadh gan aon-imtheacht
a bheith ar bheithidhigh go lá speirthe na gcut aríst."
"Imtheacht orra(b) nó dhíobh, sé'n dá mhar a chéile linne
é" = sé'n chás amháin dúinne glaodhach a bheith orru nó gan
a bheith, is beag atá againn díobh.
"Faraor má bhí aon-imtheacht ar an eallach céadna
ariamh. 'Siad a d'fhága an tír seo bánuighthe."
"Bhí sé chomh maith do dhuine gan a dhul ar láthair an
aonaigh chor ar bith sgáth a raibh d'fhiafruighe ná
d'imtheacht ar stoc ann."
"Ní thiocfa sé sa saoghal aríst go bráth, go mbeidh an
t-imtheacht céadna ar bheithidhigh agus a bhíodh."
An bhean: "Raibh aon imtheacht de'n rath orru indiu
a Sheáin.
Seán: D-l imtheacht ná cuid d'imtheacht. Díthchéille
a bheadh ar dhuine a rachadh fad a choise go dtí
aonach anois."

Imtheacht = i gcaitheamh, ar feadh

"Níor chorruigh mé cos ó'n gcois eile in imtheacht seachtmhaine ach a fuireacht leis, agus d-l a chos a tháinic" = ar feadh seachtmhaine.

"Bhí mé siorruidhe in imtheacht bliadhna ar an obair céadna"

"Chaith mé in imtheacht míosa leis, agus chinn orm é a shocrú, in a dheidh sin" (ina dhiaidh sin)

"Bhí mé in imtheacht lae fhada ag tuinneamh leis, agus ag ceapadh i gcomhnuidhe go meallfainn liom é, ach sin é a raibh de bhárr mo shaothair agam."

"Chaith mé in imtheacht earraigh uilig, ar an gceird sin. ach b'fhearr dhom a bheith in mo chomhnuidhe sgáth ar thug sí de chluais dom."

"Bhí mé tinn in imtheacht lae agus oidhche"

"Ní raibh sé annseo in imtheacht achair" = le fada an lá.

Imtheacht [Imtheocha, etc.] = iomchur, dul thart.

"Tá sé ag imtheacht in a leaduidhe ó theach go teach, gan buille maitheasa a dheanamh" = tá iomchur leisgeamhail faoi ag dul thart.

"Tá sé ag imtheacht in a chneámhaire, agus mara bhfuil an rud te nó trom, tá sé árduighthe leis aige" = tá sé ag imtheacht in a bhollaire = ag dul thart agus go leor cainnte agus gaisge aige.

Tá sé ag imtheacht, mar bheadh duine ann a mbeadh saobhchan céille air.

"Níor mhaith liom a bheith ag imtheacht ag spiadóireacht mar sin" = ag dul thart le biadán agus ag tarrainnt scéalta.

"Bíonn sí ag imtheacht ag iarraidh a codach."

"Bíonn sé ag imtheacht ar aimsir" = duine ag dul ó theach go teach nó ó áit go h-áit ar aimsir.

"Tá sé ag imtheacht ag díol mhóna le capall agus carr." = sin gnás atá aige, a bheith ag díol mhóna.

"Ní imtheocha mé leis an gceird sin go gcinnfe orm" = ní racha mé imbun oibre de'n tsórt sin, mara mbí orm

é a dhéanamh d'uireasbha oibre ar bith eile.
"Ag imtheacht le táilliúracht atá sé anois" = 'sí an táilliúracht an obair nó'n tslighe bheatha atá aige, agus bíonn air a bheith ag dul thart.
"B'fhearr do dhuine a bheith ag imtheacht le ceird ar bith ná leis an gceird sin" = b'fhearr dó ceird ar bith eile a bheith aige ná í.
"Bheinn imthighthe le obair eicínt mar sin fadó an lá dá mbeadh an t-airgead agam."
"Sé'n chaoi a mbeadh tú ag imtheacht ar ball, gan tada agad" = sin é an staid a mbeidh tú.
"Is mairg a bheadh ag imtheacht díomhaoineach, agus dalladh oibre le fághail."
"Ab in é an chaoi a bhfuil sé ag imtheacht anois" = ab in í an obair nó an chuma atá air.
"Má bhíonn tú i bhfad eile ar an imtheacht sin, fágfa tú an teach seo" = má bhíonn tú ibhfad eile ag deanamh na h-oibre nó na rudaí atá tú a dhéanamh, caithfe tú glanadh leat as seo; mara n-athruighe tú béasa, ní fhéadfa tú fanacht annseo.

Imtheacht = iomchur, gothadh
'Sé imtheacht an chneamhaire atá faoi = d'aithneochthá air ag siubhal an bhóthair dó, gur cneamhaire é.
"Tá imtheacht leaduidhe faoi."
B'fhearr dó imtheacht leaduidhe fhéin faoi, ná imtheacht rógaire.
"Is leitheadach an t-imtheacht atá faoi. = iomchur phostamhail
"Is leisgeamhail an t-imtheacht atá fúithe agus rl.

Imtheacht [D'imthigh agus rl.] = dhá chaitheamh, rudaí ar siubhal.
"Níl fhios agam beirthe ná beo cé'n chaoi bhfuil an saoghal ag imtheacht ar an aimsir seo" = céard is cor do'n tsaoghal; céard atá ar siubhal nó ag tárlú.
"Cé'n chaoi bhfuil an cogadh ag imtheacht?" = céard is cor do'n chogadh; céard tá ag tárlú sa gcogadh.
"Cé'n chaoi bhfuil na h-aontaighe ag imtheacht"
Cé'n chaoi a n-imthigheann na margaidhe anois"
Cé'n chaoi ar imthigh an t-aonach indé = cé'n chaoi ar caitheadh é; cé'n sórt aonach a bhí ann; an raibh aon-ghlaodhach ar thada agus rl.
"Meastú cé'n chaoi a n-imtheocha an cruinniú imbárach." = céard a thárlóchas ann.
"Má imthigheann an obair mar deir tusa, níl gnaithe ar bith againn í a thaobhachtáil = má's de réir mar adeir tusa a glacfaidhear daoine 'san obair, ní bheadh

ní bheadh maith ar bith dhúinne a dhul ag
iarraidh oibre, muid fhéin ann.
"B'fhuras d'aithinte (b'fhuras aithne) gurb in é an
chaoi a n-imtheochadh na bóithre céadna" = ba follusach
gurab é sin an chaoi a mbeidís i.e. nach mbeadh
mórán páighe orru, nach bhfuigheadh duine obair gan
fabhar agus rl.
"Is aisteach an chaoi a bhfuil an "dole" céadna
ag imtheacht — cuid de na daoine a bhfuil brabach
maith acu air, agus cuid eile nach bhfuil."
"Nímé beo, cé'n chaoi ar imthigh na rástaí indé" =
cé'n na capaill a rug na geallta; an raibh na rásaí
go maith; an raibh troid ann agus rl.
"Má's in é an chaoi a bhfuil an t-airgead sin ag
imtheacht, fágfamuid mar sin é" = is cosamhail
nach roinntear go cneasta é, agus b'fhearr dhúinne
gan bacadh beag ná mór leis, arae ba bheag
í ar gcuid de.
Nóra — "Cé'n chaoi ar imthigh an damhsa aréir"
Máire — D'imthigh sé go dona — sin é an chaoi ar imthigh sé."
= ba droch-dhamhsa a bhí ann.
"Sin é an chaoi chéadna a n-imthigheann chuile rud
beo, dá mbíonn aon-láimh acu sin ann" = sin é an
deis, an bhail, an staid, nó an roinnt a tugtar
air.
"Is mairg a bheadh ag súil go n-imtheochadh tada
ceart san áit seo, agus an seala cneámhairí atá
as cíonn chuile rud" = ní féadfadh aon-tsúil a bheith
ag duine go mbeadh cuma ná caoi ná cneastacht ar
rud ar bith 'san áit seo, mar is ag cneamhairí atá
an chomhairle ar chuile rud."
"Beannacht Dé dhuit duit a dhuine! Cé'n chaoi 'gceap-
ann tú ar imthigh sé, ach mar d'imthigh chuile rud ariamh"
= chuir cneamhairí agus slíomadóirí a gcaoi fhéin ar chuile
rud dá'r ceapadh i gcóir sochair an phobail, agus sé'n cás
céadna leis an rud seo é.
"Dhá bhfáightheá aois na h-Úire agus na Caillighe Béara
creid mé dhuit ann, nach bhfeicfe tú tada ag imtheacht
cneasta go bráth." = dá bhfaighteá an-aois
fhéin, beidh mió-chneastacht agus cneamhaireacht
agus sliomadóireacht ann i gcomhnuidhe.

"Tá neart postaí ag imtheacht ar an saoghal seo."

"Cé'n áit a mbeidh an posta sin ag imtheacht."

"Dubhairt sé liom an chéad posta eile a bheadh ag imtheacht go bhfaighinnse uain air." = dubhairt sé chomh luath agus a bheadh duine ag teastáil le h-aghaidh posta aríst, gur mise a gheobhfadh tús.

"Is iomdha posta agus obair a bhí ag imtheacht le blianta beaga anuas, agus ní raibh fághail agam ar cheachtar acu."

"Tá maith mhór obair a bheith ag imtheacht, nuair a bheidheas sí fastuighthe ag daoine nach dteastuigheann sí chor ar bith uatha" = cé'n mhaith obair a bheith ar siubhal mar faghann daoine í, gur h-olc an aghaidh orra í.

"Cé'n chaoi bhfuil cúrsaí an tsaoghail ag imtheacht chor ar bith."

"Is baramhail an chaoi bhfuil chuile shórt ag imtheacht ar an aimsir seo."

Imthigh (D'imthigh agus rl.) = teicheadh ó bhaile i gcóir pósta.

"D'imthigheadar le chéile" = fear agus bean,
a d'imtheochadh ó'n mbaile lena chéile a phósadh.
Thabharfadh an fear an bhean go dtí teach duine
muinntrighe nó comhursan leis, agus d'fhágfadh sé
annsin í go ceann cupla lá nó seachtmhaine, nó
go mbeadh chuile théisglim déanta aige i gcóir an
phósta. Ní chuirfeadh muinntir ceachtar acu chucu
ná uatha, taithnigheadh an cleamhnas leo nó ná
taithnigheadh, ba mhór an gnás sa tír é seo, blianta
ó shoin, agus ba mhinic a d'imthigh bean le fear eile
agus a bainis dá caitheamh.

"B'fhearr duit imtheacht liom" — déarfadh fear le bean
é de ghrádh grinn.

"Nuair a bhíos beirt grádhthach le chéile, agus a muinntir
in aghaidh an phósta, b'fhearr dóibh imtheacht le chéile."

"Imhtheocha mé leat, má eitigheann siad thú" — déarfadh
bean le fear é, dá mbeadh sé le dhul dhá h-iarraidh
ar a muinntir, agus faitchíos air fhéin agus uirre fhéin
go n-eiteochaidís fúithe é.

"Ní raibh iarraidh ar bith ann. Imtheacht a bhí ann" = níor
iarr an fear an bhean ar a muinntir chor ar bith:
D'imthigheadar le chéile.

"Ní fhaca sí aon-lá dhá leas ariamh, ach an lá
d'imthigh sí leis" = déarfaí é le bean a ndeacha
a pósadh go maith di.

"Ní fhaca sí aon-lá de'n ádh, ó'n lá d'imthigh sí
leis."

"Cearc agus coileach a d'imthigh le chéile" [sean-amhrán]

"Chuir sé a sáith iongantais ar chuid mhaith daoine,

an lá a d'imthigh sí leis."

"Ó Aonach an Faithche a d'imthigheadar le chéile."

"Ba mhór an lá imtheachta é Aonach na Féile San

Bairtliméid fadó." = an lá a mbíodh an t-aonach sin

ar siubhal inGaillimh, ba mhór an lear-cúplaí

a d'imthigheadh le chéile.

"Ní chomhnócha siad go deo go n-imthighe siad le chéile"

= beirt a bheadh an-ghabhthach le chéile i gcosamhlacht

"B'fhuras aithinte go n-imtheochadís le chéile."

"Mara dtuga a h-athair cead pósta di, deamhan

a cos nach n-imtheocha leis."

"Ba mhór an t-iongnadh gur imthigheadhar le chéile mara a raibh aon treampán eile orra"

[treampán = teampán = bacainn]

"Nach hé an saoghal a d'imthigh, ó nuair a bhíodh oiread a's fiche cupla imthighthe le chéile ó Aonach Mór na Féile Brighde" = is mór a d'athruigh an saoghal ó'n am, a n-imthigheadh suas agus anuas le fiche cupla le chéile ó Aonach na Féile Brighde.

"Níl tóir ar bith ar an imtheacht anois. Ní bhíodh siomsán ar bith ann fadó ach é." = ní bhíodh tada eile i gceist.

"Ní fearr ann an t-imtheacht céadna. Is iomdha athair agus máthair ar fhága sé guirín ar an gcroidhe aca" = is maith an rud nach bhfuil an gnás sin ann anois, agus is iomdha athair agus máthair ar chuir sé buaidhreadh agus briseadh croidhe orra (ní thaithnigheadh na cleamhnais a dhéantaí dá bharr leo).

"Chaith sí an oidhche ag caitheamh a's a' cáineadh ar an imtheacht a's a liachtaighe fear maith agus bean mhaith a d'imthigh le chéile.

"Ag an d-l go raibh sí — croisim aríst í — mara bhfuil sí imthighthe le fear." [seo é an rud adubhairt máthair ar chloisteáil di go raibh a h-inghean imthighthe le fear. Tabhair faoi deara gur le fear adeireas sí cé go raibh aithne maith ag an máthair ar an bhfear, agus go raibh fhios aice cé hé fhéin).

Imthigh (Imtheacht, d'imthigh, agus rl.) = d'athraigh, claochmuigh

"Sé'n saoghal a d'imthigh ó bhí mise óg" = is mór a d'athruigh sé: Ba mhór i gceist gnásannaí áithride an uair sin, agus níl cainnt ar bith orra anois.

"Nach hé an saoghal a d'imthigh ó theigheadh mná le na gcuid cléibhíní ime de siubhal a gcos síos go Gaillimh."

"Is mór a d'imthigh an saol le goirid anuas féin" = is mór a d'athruigh sé.

"Tá'n saoghal ag imtheacht chuile lá" = athrúintí agus claochlódh ag teacht air; sean-ghnásannaí ag imtheacht, gnásannaí nuadha ag teacht, agus dá réir.

"Sé do shaol a d'imthigh" = d'athruigh do shaoghal-sa; bhí saoghal maith agus biadh bhog agad, ach níl tú amhla anois.

"D'imthigh an saol sin a mhic ó, a b'fuightheá pionta ar dhá phighinn." = tá malrait saoghail ann ó shoin

"D'imthigh an t-am sin"

"D'imthigh an uair sin."

"D'imthigh sin, agus tháinic seo."

"B'fhearr ann an saoghal sin, ná imthighte" (as)

"B'fhearr go mór ann ná imthighthe an saol sin."

"Ní hé an saoghal a d'imthigh, ach na daoine" = a d'athruigh.

"Níl athrú ná imtheacht dá dtáinig ar an saoghal, le ceithre fichead bliadhan, nach n-innseochadh sé dhuit."

"Is maith uaidh cur síos ar an saoghal a d'imthigh.

D'imthigh = thanuigh, shnuigh, loic, shlabhc, dul ar gcúl, feodh

"Is mór a d'imthigh sé le goirid anuas = a thanuigh, a shnuigh, nó a thug sé uaidh. [féach "imthigh as"]

"Tá na fataí imthighthe uilig anois" = na barrannaí feoidhte orra

"Ní hé an oiread sin a d'imthigh na barrannaí le coicís anuas, th'éis a raibh de bháistigh ann."

Imtheacht (imthigh, d'imthigh etc.) = aistriú ó áit go h-áit eile, a dhul ó ghiodán áithrid eicín

"D'imthigh sé go Ameriocá (d'fhág sé a bhaile féin agus chuaidh sé go Ameriocá)

"Imtheacht gan teacht air!" = easgaine, adéarfaidhe le duine a d'imtheochadh, agus go mb'fhearr leis an té adubhairt gan é a theacht ar ais níos mó.

"Imtheacht ar throigh gan tuairisg air!" = easgaine eile (troigh na tuairisce = áit nach bhfaighfidhe a dhuth ná a dhath ná a thuairisc go bráth).

"Tá sé imthighthe ar throigh gan tuairisg" = tá sé ar iarraidh, agus níl goir é a fhághail.

"Faraor géar nach imthighthe ar throigh gan tuairisc atá tú."

"Imtheacht ghé an oileáin ort (chugad)! = eagaine eile [sin gé atá igceist i sean-scéal — "Mac an Rí" — d'imthigh sí agus níor fritheadh aon tuairisc uirre ní bá mhó.

"'Sé imtheacht ghé an oileáin aige é" = níor tháinic sé ar ais.

"'Sé fearacht ghé an oileáin aige é."

"Sin í imtheacht gé an oileáin" — nuair a d'imtheochadh duine agus nach bhfillfeadh sé.

"Bhfuil an tinneas imthighthe dhíot" = 'bhfuil biseach agad.

"Bhfuil an slaghdán imthighthe dhíot.

Is deacair leis an treoch imtheacht de dhuine"

"Tá na gearbógaí imthighthe dhíom anois."

"Imtheocha sé leis an aimsir" = tinneas nó éalang

"Tógann an chasacht chéadna an tsíorruidheacht ag imtheacht = nuair a bhíos casacht ar dhuine, is deacair dhó í a chur as a chrioslaigh.

"Nuair a bheidheas sé siúd in do chrioslaigh (an slaghdán), is deacair é a chur ag imtheacht" = nuair a bheidheas slaghdán ort, is deacair a theacht uaidh amach a's amach.

"Is furasta leis teacht, ach is deacair leis imtheacht" = slaghdán nó galra ar bith.

"Ní cuirfe aon-cheo an chearc bhradach sin ag imtheacht díot, ach neart fuisge" — ní ruaigfe aon-cheo an slaghdán sin, ach cuid mhaith fuisge.

"Siúd í an cailín nach furasta léithe imtheacht!"

= (an treoch, an eitinn, etc.)
"Nach deacair leis an slaghdán céadna imtheacht" =
Faoilte nó biseach a thabhairt uaidh.
"Chuir mise ag imtheacht é agus deifir air" = fear ag
déanamh gaisge, gur ruaig sé an slaghdán dhe le teann
óil.
"Bhí an slaghdán céadtach
orm agus chuir mé
ag imtheacht as cosa i dtaca é le neart
sean-fuisge" = ní raibh aon-fhonn ar an slaghdán
imtheacht, ach chuir an fuisge ag imtheacht de'n
bhuidheachas é.
"Leannán liom an chasacht chéadna, ach cuirfe mise
ag imtheacht í agus teannadh léithe, fead's mé 'faghail
pionta de thús an phota ó Johanny Pheaits Éamuinn"
= tá an chasacht do mo shíor chothú, ach cuirfe mé
deifir ag imtheacht uirre, chomh maith agus gheobhfas mé
pionta de thús an phota ó J. Ph. É.
"D'imthigh sé agus deifir air, agus go n-imthighe an droch-
aimsear leis!"
"Go n-imthighe an droch-aimsear leat!" = easgaine
thláth.
"Go n-imthighe an fheamuinn leat, ní fearr linn
againn thú." = easgaine thláth.
"Chuir mise ag imtheacht é agus teannadh
leis" = chuir mé ag imtheacht go tapa é.
Cáit: Tá Seán le'n imtheacht go Sasana.
Pádraic: Go n-imthighe cheana! (nó, "go n-imthighe
cheana le faitchíos nach n-imtheochadh")
"Níl indán imtheachta dhó" (tinneas, éalang, duine agus rl.)
= níor chinn Dia leis, go n-imtheochadh sé.
"Imtheacht as air!" = sórt easgaine adéarfaidhe le
duine a samhlóchthaidhe imtheacht leis.
"Níl aon-fhonn imtheachta air."
"Ní imtheocha sé go n-imthighe an ball dubh de'n fheadóig"
= ní imtheocha sé go bráth.
Tá sé ag imtheacht leis fhéin 'nós éin na caróige"
= bíonn sé i gcomhnuidhe aonraic.
"Ag imtheacht leis fhéin a bhíos sé i gcomhnuidhe" =

nuair a bhíos sé ag siubhal nó ag spaisteoireacht, ní bhíonn aonduine eile abuil é.

"Bhí sé ag imtheacht soir agus siar" = ag siubhal chuile áit.

"Cá mbeitheá ag imtheacht fós?" = tá sé ro-luath imtheacht go dtí an áit a bhfuil fút a dhul.

"Cé'n sórt imtheacht' sin ort! Fan go maidin." = ná bí ag cainnt ar imtheacht anocht. Fan go maidin.

"D'imthigh leis, mar bhuailfeá ar an gcluais é" = go mío-shásta.

D'imthigh leis, gan cur chuige ná uaidh" = níor cuireadh aithríd ar bith air, agus aindeoin sin, glan leis.

"D'imthigh sé le teann stuaice."

D'imthigh sé faoi imnidhe.

"Imtheocha sé agus gan é buidheach dhá mhargadh, feadh mise a bheith réidh leis" = imtheocha sé go mío-shás{ta}, ach a mbeidh deire ráidhte agamsa leis.

"D'imtheochainn roimhe sin, dá mbeadh breith ar m'aithmhéala agam" = dá mbeadh fhios agam an mar' bhí a bhí is fadó roimhe sin a d'imtheochainn.

"Ní imtheocha tú go mbí aithmhéala ort."

"Tá sé ar thob imtheachta" = ag brath air imtheacht.

"Tá sé ar tí imtheachta" = ag brath air imtheacht.

"Fhóbair dó imtheachta , d'fhuireasbha a hata." = is beag nar imthigh sé gan a hata.

"Is ar ín ar eigín a d'imthigh sé chor ar bith."

"Tá sé ag brath air imtheacht."

"Ba ghearr idir imtheacht a's teacht dó" = is gearr a bhí sé amuigh.

"An rud a fhaightear go dona, imthigheann sé go dona = caithtear le dreabhlás aríst é.

"Imthigheann an t-airgead gan mórán dá bhárr = caithtear é, gan mórán ar a shon.

"Bhí sé ag imtheacht indiaidh a chinn roimhe" = duine a bheadh ag dul thart ó áit go h-áit agus gan teach gan árus, gan cuid ná maoin aige fhéin; duine a d'imtheochadh roimhe, gan fios a thriaill.

"D'imthigh leis indiaidh a chinn roimhe."

Bhí sé ag imtheacht roimhe gan seadh gan
seoladh" = ba chuma leis, cá rachadh sé, ní
raibh aon-treoruidheacht ann.
"Is mairg dó, nach indiaidh a chinn roimhe a d'imthigh
tharas (farra's) a bheith ag coinneál choca leis
an ropaire úd." = b'fhearr dó an teach a
fhágail agus an saoghal mór a thabhairt air fhéin, ná
fanacht sa mbaile ag tabhairt focal ar an
bhfocal de'n raicligh úd.
"B'fhearr do dhuine a bheith ag imtheacht indiaidh a
chinn roimhe fhéin, ná 'bheith reicithe sa mbaile
chuile ré soluis" = b'fhearr do dhuine an saoghal
mór a thabhairt ar fhéin agus é ag iarraidh a
chodach nó a shamhail, ná duine eicínt sa mbaile
dá shíor-ionnsuidhe agus dhá shíor-dhíbliú.
"B'fhearr dhuit go fada ag bualadh cloch ar
do cheirteachaí nó ag imtheacht indiaidh do
chinn romhat, ná faoi mheirse ag leas-mháthair."
"Má's leat imtheacht chor ar bith, tá sé in am
agad cuimhniú air feasta" = má tá fút imtheacht agus rl.
"Níl aon rún imtheachta aige." =
"Ag teacht a's ag imtheacht a chaitheann sé a shaoghal"
"Is ag teacht 'as ag imtheacht atá sé i gcomhnuidhe"
"Bí ag imtheacht uaim nó bainfe mé an t-anam asad"
"Bhí na cosa ag imtheacht uaidh, le lagar ocrais"
= é sgrútuighthe leis an ocras.
Bhí na cosa ag imtheacht uaidh ag dul ar
ar an mbainis, ach ní imtheochaidís leath chomh
maith uaidh ag dul chuig a chuid oibre" = bhí an-fhonn go
deo ar a dhul chuig an mbainis, ach ní hé an
oiread sin funn a bhí air a dhul ag obair
"Bhí sé ag imtheacht leis go dtáinic sé go dtí
teach" = bhí sé ag siubhal, ag rothuidheacht nó a
leithid.

"Bíonn siad imthighthe leo(b) chuile oidhche beo
ag ceannuidheacht."
"Imthigheann siad leo(b) chuile Dhomhnach" =
ag siubhal, ag spaisteoireacht, ag rothuidheacht
nó a samhail.
"Imthighthe leo(b) atá siad i gcomhnuidhe" =
imthighthe amach; imthighthe ar cuairt, ag céilidhthe
ag báirí nó mar sin.
"D'imthigh leis ag bóithreoireacht fadó indiu
agus dheamhan amharc a chonnaic muid air ó shoin"
= chuaidh sé amach ag rothuidheacht nó ag
spaisteoireacht, nó ag cur bóthair dhe ar
chuma eicín.

Imtheacht = mar a chéile, an tsamhail chéadna.
"Tá na beithidhigh sin uilig ar aon-imtheacht amháin
= mar a chéile iad ar fad, sé'n t-ordú céadna agus
an téagar céadna atá ionntu ar fad.
"Bhí a chuid cainnte uilig ar aon-imtheacht
amháin = mar a chéile a bhí sí ar fad.
[Is annamh a chloistear seo]

Ineólta (béim ar "eol") = in araidheacht.

'Bhfuil an oidhche "ineolta" — 'bhfuil an oidhche in araidheacht a
dhul amach? = 'bhfuil sí chomh breagh agus go bhféadfadh duine
aghaidh a thabhairt amach. (Íochtar Chonamara agus Cois Fhairrge)

Inntreacht (inntleacht) = meabhair chinn, tuisgint.

"Tá an-inntreacht (ínntreacht) go deo aige" = meabhair chinn.
"Marach an ínntreacht chínn a bheith aige, ní thiocfadh an fhoghluim leis chomh réidh."
"Ba dual athar dó an ínntreacht chínn a bheith aige."
"Cá bhfaigheadh sé inntreacht chínn, agus nach gcuirfeadh hairisteaitil aon-fhocal isteach i gcloigeann athar?"
"Dhá bhfaightheá scoil an domhain, is beag an mhaith dhuit í gan an inntreacht chinn" = dhá bhfaighthea scoluidhe{acht} an domhain, ní fhearfadh sí ort d'uireasbha inntleac{ht}
"Is aoibhinn Dia do'n té 'bhfuil ínntreacht aige."
"Má's i taobh (idtaobh) le do chuid inntreachta a bheidheas tú, tá faitchíos orm go mbeidh tú ar deire." = ní raibh mórán meabhair chinn aige, agus dhá mbeadh sé in a tuilleamuidhe le beatha a bhaint amach, ní bheadh aon-ghoir aige air.
"Mara ndéana 'chuid ínntreachta dhó é, is leis an sglábhuigheacht a bheidheas sé" = mara bhfuil an oiread meabhair chinn aige, agus go bhfuighe

sí posta dhó, caithfe sé a dhul ag plé le
saothar sclábhuidheachta, cuirimigcás talmhuidheacht,
spailpínteacht nó a samhail.
"Dheamhan ceo ínntreachta a bhí aige ach an oiread
leis an asal."
"Má gheall Dia ínntreacht dó, níor gheall sé tíoghbhus
dhó" = tá inntreacht aige, ach níl sé barainneach.
"Níl ínntreacht ar bith ann. Ní fhaca tú dallarán go h-éag go dtí
é."
"Is fearr ínntreacht ná airgead."
"An té a bhfuil ínntreacht aige, tagann an fhoghluim go réidh
leis."

"Ní fearr a's barr ínntreachta atá aige, ach
caitheann sé le na leabhra" = níl mórán meabhair chinn
aige, ach tá sé tugtha do na leabhra, agus é an-dúthrachtach
ag foghluim.

Ínntreacht: rud nuadh a chur ar faghail gan aon-chongnamh ó aon-duine eile.

"Rinne sé amach as ínntreacht fhéin é" = rud nar múineadh ná nár 'sbáineadh cheana dhó, ach rinne sé fhéin amach é le teann meabhair chinn."

"Chuir sé an 'bicycle' sin le chéile as ínntreacht fhéin, gan é 'fheiceál ariamh cheana."

"Níor fhoghluim sé an cheird ariamh. Thóg sí as ínntreacht fhéin í."

"Níor chaith sé aon-lá le gaibhneacht ariamh; thóg sé chuile bhlas (chuile cheo, chuile phioc agus rl.) di, as inntreacht fhéin."

"Níl aon-chall dhó siúd a théarma a chuir isteach. Tá sé chomh stuamdha sin, a's nach bhfuil aon-bhall trosgáin faoi chaolach do thighe, nach bhfuil sé indon a dhéanamh as ínntreacht fhéin."

(c) Ínntreacht = ball a bheidh déanta go slachtmhar, stuamdha; an-stuaim; obair nar mhór stuaim ar leith le na déanamh.

"Is diabhaltaí an ínntreacht í!" (duine adubhairt le aer-luing)

"Cá bhfuightheá ínntreacht mar í sin?" (duine ag déanamh gaisge nó ag áidhbhéil as cóir ar leith, nar facthas cheana ar rothar)

"Má tá tusa indon ínntreacht mar í sin a dhéanamh, tá do cheird agad."

"Níl cinneadh go deo le na gcuid ínntreachta."

Seán: Cé 'sbáin é sin duit

Pádraic: Níor 'sbáin aon-duine: mo chuid ínntreachta fhéin (= mo stuaim fhéin).

"Tá rudaí ann is mo ínntreachta ná 'aeroplane'" = nidhthe nár mhór níos mó stuaime le na ndeanamh ná aer-long."

"'sna cosa atá an ínntreacht aige agus ní sa gceann" (déarfaidhe le daimhseóir maith é).

Íoc: (a) cúiteamh airgid ar shaothar.

"Pé'r bith cé ólfas é, sé Domhnall a íocfas é."
"Is olc uaidh fir fánaighe a íoc" = ní thugann sé mórán tuarastail do spailpíní.
Tomás: Gheobhfa sé congnamh leis an móin.
Pádraic: M'anam má fhaghann go n-íocfa (= íocfa sé ar an gcongnamh).
"Bheadh na spailpíní ceart marach an t-íoc =
("ba mhaith é a gcongnamh, ach nuair a chaithtear a n-íoc, is scéal eile é).
"Déanfa mise an glaodhach, déanadh a rogha duine an t-íoc" = glaodhfa mise an t-ól, íocadh duine ar bith a thogróchas é, ach ní íocfa mise air.
"Is maith é an t-ól go dteaga an t-íoc"
"Marar íoc tú ach sin air, fuair tú ar shlat-mhargadh é" = fuair tú faoi na luach go maith é; fuair tú ar a shaorgáil é (saordháil)
"Íoc do chuid fiacha agus beidh an saoghal buidheach duit."
"Caithtear deachma na sláinte a íoc" = má thugann duine tsiocair fuaicht nó tinnis do fhéin, ní cóir dó iongantas a bheith air, má chuireann sé as a shláinte é; má bhíonn deachma na sláinte ar dhuine (má bhíonn duine as a shláinte), saothrócha sé an saoghal le doigh, agus le tinneas.
[Féach ceathramhadh filidheachta in Iris-leabhar Muighe Nuadhad de chuid Mhichíl Óig Uí Longáin]

Íoc = (b) Bainfidhear díoghaltas amach.
"Má chorruigheann tú aon-cheo as an gcomhra sin, íocfa tú ann" = beidh rud ar a shon agad; gheobhfa tú túirne Mháire; bainfidhear sásamh dhíot (neartuighthear an bhéim sa gcainnt de réir a chéile go dtuiteann an ceann trom di ar "ann").
"Má dhrannann tú liomsa íocfa tú ann."
"Níor thaobhuigh sé an teach ó mhaidin go dtí ar baillín ach 'sé a d'íoc ann"
"Muise imbannaí gur íoc sé ann, ach dhá ndéanadh páiste ar bith eile é, ní chuirfeadh sé ceist ar bith air." (máthair a bhí ag clamhsán gur bhuail an máighistir scoile a páiste.

"Íocfa tú ann, ach feadh mise mo lámh a thógáil chugad."

"Má chuireann sibh aon araoid ar siúd, deirimse leat gur sibh a íocfas ann."

"Íocann sé ann ar a chuid ámhuilleachta ach is beag an maith sin" = cé go bhfaghann sé neart griosála, ní chomhairligheann sin é.

"Má íocaimse ann, íocfa tusa ann chomh maith liom."

"Ní íocann duine ar bith ann, ach an té a thuilleas é." = ní baintear sásamh, ach do'n té a mbíonn an rud as bealach déanta aige.

"Má d'íoc sé ann féin, ba mhaith an aghaidh ar é.

"Má íocann tú ann, feadh t'athair a theacht abhaile, ní bheidh mise in a dhiaidh ort."

"D'íoc sé ann ceart go leor, ach má d'íoc badh sa n-éagcóir é" = baineadh sásamh di, ach níor thuíll sé é.

"Ní do'n té a d'íoc ann, a bhí an milleán a' sroicheadh, ach do'n té nar baineadh chor ar bith leis." = baineadh díoghaltas do'n té nach raibh cionntach agus níor bacadh leis an té a bhí cionntach.

"D'íocfainn ann, dá bhfaigheadh seisean cead a chinn."

"Dhá n-íocainn ann faoi chéad, sé'n mhaith amháin é" = dhá mbaintí an díoghaltas dhíom céad uair, 'sé an cás céadna é; ní chuirfe díoghaltas ná faitchíos aon-ghuaim orm.

Íoc = (c) ídiú.

"Pé'r bith cé a dhéanfas é is ortsa a íocfaidhear é." = is tusa bheidheas síos leis.

"Íocfa mise do chuid bréag ort" = tiubharfa mé luach do chuid bréag duit; cúiteocha mé do chuid bréag leat.

"Ná h-íoc air é, go mbí tú glan-siúráilte gurb é atá cionntach"

[Ní cloistear ciall (c) in Oirthear Chonamara. Ídiú a bheadh in áit.]

Iongnadh = rud is annamh, rud áidhbhéil, cúrsa sé nó seachrán scéal is na naoi n-áird

[Tá'n focal iongnadh agus iongantas measctha igConnachta]

"Is mór an t-iongnadh liom nach mbeadh unsa céille
agad" = cuireann sé iongnadh orm nach mbíonn
ciall agad.
"Is beag an t-iongnadh an saoghal a bheith mar tá sé, agus an
chaoi a bhfuil na daoine."
"Is suarach an t-iongnadh, dhoightheachaí a bheith ort, agus
a n-itheann tú de 'sweets'" = is beag an t-iongnadh etc.
"Is suarach an t-iongnadh an saoghal a bheith corrach,
agus chomh h-amplúdhach agus atá na daoine."
"Ní bheadh lá iongnadh orm, dhá dtuiteadh an
t-aer ar an talamh, agus a laghad suím' agus atá ag
daoine inDia agus sa Maighdin Ghlórmhar."
"Ní chuirfeadh sé lá iongnadh orm, dhá mbasgadh an
capall é, agus chomh h-óltach agus a bhí sé."
"Ní tada é sin. Is mó an t-iongnadh go mór nar
bhuail sé."
Liam: Tá Pádraic tinn.
Cáit: Is suarach an t-iongnadh sin (is beag an t-i. sin).
(ní chuirfeadh sé a dhath iongnadh.)
"Ní bheadh a dhath iongnadh orm é 'theacht anocht."
"Ní iongnadh mór é bheith taobh leis an déirce."
"Is millteach an t-iongnadh nach bhfuil sé eirighthe
bréan de'n áit feasta."
"Is diabhaltaidhe an t-iongnadh nach dtagann sé
abhaile.
"Sin é a raibh d'iongnadh air, muis (d'eile)"

"Deir tú leis nar tháinig a dhath iongnadh air,
nuair a chuala sé an scéal."
"Chuir an scéal sin mo sháith iongnadh orm" (mo dhóthain,
mo dhíol, mo dhá dhóthain, mo dhóthain go mór d'i.
lán mo chraiceann d'i.; mo sheacht sáith
d'i. mo sháith go maith i. lán mo chruite d'i. leithead
mo dhroma d'i. etc.)
"Ní bheadh iongnadh ar bith orm, céard a bheadh ar siubhal
anois."
"Tá iongnadh agus iongnadh ann."
"An té a chonnaic iongantaighe an tsaoghail, dubhairt
sé nar chall do dhuine corruighe ó leic an teallaigh
s'aige fhéin le iongantais a fheiceál."
"Chonnaic sé iongantaighe an tsaoghail."
"Is mór iad iongantaighe an tsaoghail, an té shiubhalfadh
le na bhfeiceál."
"'Is mór iad iongantaighe an tsaoghail' adeir fear
Chonamara, nuair a chuala sé na preacháin ag
grághgail i gcoill an Chnuic" (ní raibh coill na crann
siar faoi Chonamara)
"Ar chuala tú cainnt ariamh faoi sheacht
n-iongantaighe an domhain?"
"Dhá bhfeictheá iongantaighe an domhain faoi chéad, tú
fhaca tú a leithide siúd d'iongantas."
"An simléar atá tigh Mhicilín, tá sé ar iongantaighe
an domhain, arae níl poll deataighe ar bith ann."
"Níor fhan mise ibhfad ann, nidh nach iongnadh
"Is gearr a chuaidh mise dhá thiodlacan, nidh nach
iongnadh."
"Siúd é an t-iongnadh agus ní iongnadh go
dtí é! = rud iongantach cuirimigcás rud eicín
a rinne duine amach le stuaim, agus as ínntreacht
fhéin.
"Ná déan iongnadh (iongantas) ar bith dhi" = ná cuireadh
an chainnt, nó an rud nó an scéal sin
iongnadh ar bith ort.
"Ná déan iongnadh ar bith faoi aon-rud a
chloisfeas tú faoi siúd, mar bhainfeadh sé an
bhraithlín de'n chorp."

"Ná bíodh iongnadh ar bith ort faoi"

"Ní call dhuit iongnadh ar bith a dhéanamh faoi,

is minic a ghoid tú féin rud."

"Is mór an t-iongnadh nach dtáinig tú in am."

"Is beag, beag an t-iongnadh é."

"Ná tagadh iongnadh ar bith ort faoi é bheith ag ól. Is

fada go mbeire sé ar an gcéad cheann aige."

"Ná cuireadh sé iongnadh ar bith ort céard a chloisfeas

tú ar an saoghal seo, arae tá cúl a gcainnte

uilig le na daoine."

Iongantas (iongantach; iongantaighe etc.) [féach iongnadh]

Iongantas = rud, nó scéal is annamh, nó is áidhbhéil
nó is aduain.

"Bhuail iongantas mé, nuair a chuala mé é" = tháinic
iongnadh (iongantas) orm etc.
"Ní ceart duit iongantas ar bith a bheith agad ann. Ní
hé an chéad uair aige é ghá dhéanamh sin" = níor chóir go
gcuirfeadh a ghníomh aon-iongnadh ort etc.
"Ní ceart duit iongantas ar bith a bheith agad sa
sliabh. Nach as a fáisgeadh thú" = níor chóir go mbadh
nuaidheacht duit é; nach ann a rugadh thú.
"Ní dhearna mise iongantas ar bith di. Nach achrann uilig
é." [seo é adubhairt duine le duine eile faoi fhear
a bhí in ainm's achrann a tharraingt]
"Ní dhéanfainn iongantas ar bith ({Ceo} iongantais, a
dhath iongantais, pioc iongantais agus rl), dhá dteigheadh sé
go Sasana" = ní chuirfeadh sé aon-iongnadh orm,
dá dteigheadh sé go Sasana.

"Ní dhéanfainn iongantas a dhath (blas, ceo, pioc etc.)
dhá mbeadh sé imthighthe ar maidin."
"Ná déan a dhath iongantais de" = ná cuireadh sé
aon-iongantas ort.
"Má's ag déanamh iongantais de'n méid sin atá tú,
is furasta leat iongantas a dhéanamh" = má tá an
méid sin ag cur iongnadh ort; is furasta iongnadh a
chuir ort.
"B'fhearr do dhuine gan iongantas a dheanamh de
thada ar an saoghal seo."
"Is mór adéarfainn le Pádraic, agus ní dhéanfadh sé
iongantas ar bith dhe."
"Is mór adéarfá le iongantas a
dhéanamh de mhotar roimhe seo, ach níl iongantas ar bith ionnta
ar an saoghal seo, le h-ais 'aeroplanes'"
"Níl iongantas ar bith anois is na busanna, ach
bhíodh an chéad-uair a dtáinic siad amach." = ní
chuireann siad iongnadh ar aon-duine anois; glacann
'chuile duine leo mar chóimhneas atá ann, agus ní
chuimhnigheann siad nach raibh siad ann ariamh.
"Ná bac le iongantas a bheith imbusannaí
anois. Ba mhó an t-iongantas é dá bhfuireasbha."
= ní déantar iongnadh de na busannaí anois.
Ba mhó an t-iongnadh a dhéanfaidhe, dhá mbeidís
gan a bheith ann.
Pádraic — Tá Seáinín ag ól.
Micil — Cé'n t-iongantas é?
"Cé'n t-iongantas é, gan aon airgead a bheith
ar bheithidhigh agus a bhfuil ann díobh."
"Ar ndóigh ní iongantas é, beatha a bheith daor
agus chomh maith agus íoctar lucht na h-oibre."
"Ní iongantas ar bith é sin, ach an oiread leis an
scéal ar ball" = ní chuirfeadh an scéal nó an
rud sin iongnadh ar aonduine, ionann's nach
gcuirfeadh an scéal a bhí ar siubhal
tamaillín ó shoin.
"B'iongantaighe liom ná'n sneachta dearg é a fheiceál."
"B'iongantaighe liom é ná dhá dtuiteadh an t-aer ar
an talamh."
"Shílfeá gur trí chloigeann a bhí orm leis an
iongantas a bhí sé a dhéanamh dhíom."

"Déarfá nach bhfaca sé laogh ariamh cheana
le na ndearna sé d'iongantas dó (dhe)"
"Shílfeá gurab é an chéad uair ariamh a bhfaca
sí óltach é, leis an iongantas a bhí aice ann."
"Sé a rinne an t-iongantas de'n poitín. Is
cosamhail nach bhfaca sé ariamh cheana é.
"Mara ndearna sé iongantas di, ní lá fós é."
(ní lá go maidin é)
"Sé'n t-iongantas is mó nach ndeacha sé abhaile"
= ba mhór an t-iongnadh nach ndeacha sé abhaile.
"Is iomdha iongantas faoi'n domhan" = ughdair iongnadh
"Níl mórán iongantas in Éirinn" = níl mórán rud ann
le iongnadh a dhéanamh dhíob.
"Ní h-in é an t-iongantas is mó chor ar bith, ach
gur fhan sé mar bhí sé, nuair a meabhruigheadh dó
imtheacht."
"Ní cuid iongantais ar bith é sin" = ní ughdar
iongnadh é (féach cuid)
"Níl aon chuid iongantais le feiceál indúthaigh
Sheoigheach" = níl tada ann, go ndéanfá iongnadh dhe.
"Chonnaic mé iongantas mór inGaillimh le goirid
= rud a ndéanfá iongnadh de, cuirimigcás cineál
gluaisteáin nuaidh, go mbeadh cáilidheacht ar leith
ag baint leis, nó rud eicín uathbhásach nó
míorbhúilte.
"Chonnaic mé, chonnaic, chonnaic mé iongantas mór
ceann gainimh 'dul tharm, agus é iomchur seoil"
(sliocht as an Amhrán Bréagach)
"Is mór an t-iongantas é, cailín a chodail mí as
béal a chéile in Ameriocá."

"D'imthigh an saol a gcuirfí iongantas idtada"
= tá'n saoghal athruighthe, mar ní chuireann aon-rud dhá
bhfeiceann siad, ná dhá gcloiseann siad aon-iongnadh
ar na daoine anois."
"Is iongantas é, má dhéanann sé siar anocht é, in
aghaidh na gaoithe" = (bád nó rothar.)
"Is iongantas sneachta a fheiceál an tráth seo 'bhliadhain"
"Ná déan iongantas ar bith, má fheiceann tú in
a chlasgairt bháistighe roimhe mhaidin é."
"Ní dhéanfainn iongantas ar bith, dhá mbeadh
beithidhigh lasta ambáireach, mar sé sin an fáth, tá
cuid mhaith acu ídighthe anois." [féach lasta agus ídighthe]
"Bhuail iongantas é nuair a chonnaic sé an
solas" = tháinic iongantas air etc.
"Bhuail iongantas mé, agus tabhair iongantas air,
nuair a chonnaic mé an toirt rómham i lár an
chasáin" = tháinic an-iongantas orm, nuair a chonnaic
mé meall nó sonnda nó cumraidheacht eicín
in mo bhealach. [féach bhuail]
"Sin é an t-iongantas is mó faoi'n mbogha gréine
déarfainn féin" = rud an-iongantach amach a's amach
é."
"Is beag an t-iongantas aca(b) an t-ocras."
"B'iongantach an duine é Seán Mhaidhlí deir siad."
= bhí cáilidheacht nó tréartha ar leith ag siubhal leis.
(B'fhéidir go mbadh fear láidir, nó rianóir maith é nó
rud eicín mar sin)
"B'iongantach an rianóir é Seán Ó Briain go ndéana
Dia maith air" = togha seanchuidhe.

= b'iongantach an fonnadóir í Brighid 'ndéana Dia trócaire uirre" = ba amhránuidhe maith í.

"Is iongantach na bealaighe atá leat. Deamhan bealaighe níos iongantaighe a chonnaic mise le aon-duine ariamh" = tá béasa ar leith (go h-iondamhail droch-bhéasaí) ag siubhal leat. Níl t-iomchur fearacht iomchuir daoine eile.

"Is iongantach an aimsir í" = is togha aimsire í.

"Is iongantach an múr é sin a chaith sé." = múr mór.

"Is iongantach bainte amach atá sí" = cailín a mbeadh giodam fúithe, triollús innte, agus éadan aice.

"Is iongantach fuar é."

"Is iongantach an capall atá ag Seán Thomáis" = is maith an capall atá aige.

"Nach iongantach an rabharta a bhí ann le seachtmhain" = rabharta an-mhór.

"Nach iongantach nach dtiocfadh splannc chéille dhuit uair eicín" = is mór an t-iongnadh, nach dtiocfadh beagán céille chugad uair eicín.

"Is iongantach go ndeacha tú abhaile chor ar bith." = is mór an t-iongnadh thú a dhul abhaile beag ná mór.

"Is iongantach fada a d'fhás na mangols sin. Tá siad in a mbuinneáin ó thús bliana." = rinne siad luirgne nó cosa móra fada; "rith" siad.

"Is iongantach fada a d'fhága tú gan íoc é" = is an-fhada etc.

"Is iongantach an leithead a d'fhága siad faoi'n teach" = is mór an leithead.

"Is iongantach an stoirm í. Mara bhfuil ag Dia, fuadócha sí an baile" = is áidhbhéil (mór) an stoirm í; ach grásta dé, fuadócha sí an baile.

"Is iongantach an leigean atá fúithe" = rud a
mbeadh cosamhlacht lútha agus siubhail aige (cú,
bean leigthe etc.)
"Is iongantach de'n tsaoghal an mhéid atá ann" =
is áidhbhéil an téagar atá ann.
"Is iongantach de'n tsaoghal an oidhche í" = oidhche mhór
í; droch-oidhche chríochnuighthe.
"Is iongantach sgithleighthe (ch)un cainnte é." = tá
an-stiúr cainnte air; an-fhonn
cainnte air; ruibh na cainnte air.
"Is iongantach an claibín muilinn é Micil Ó
Maoláin" = bíonn ruibh na cainnte igcomhnuidhe
air; é síorruidhe ag cur de.
"Is iongantach áidhbhéil an duine é" = cuireann sé tuille
ar chainnt nó ar scéal nach mbíonn air chor ar bith.
"Is iongantach áidhbhéil an mhaise dhuit é"
"Is iongantach leitheadach an mac é" = duine an-phostamhail
é.
Máire = Ar chuala tú gur thuit tigh Seáin Bháin leis an
stoirm.
Cáit: Nach h-iongantach?

Iongantas iongantach [fuaim = íontach, íontas, ach in Iarthair
Chonamara bíonn an fhuaim ionntas iontach agus go h-áithrid
in amhráin]. [iongnadh = íona]

Ionbhadh (Ionú) = am, cáirde, airleacan, babhta.
[focal an-choitcheannta ar Achréidh na Gaillimhe. Is minicí go mór a bhaintear leas as annsin, ná as am]

"Níl aon-ionbhadh agam, aon-chongnamh a thabhairt duit anois = aon-am.
"Thiocfainn ab uil thú, dá mbeadh an t-ionbhadh agam"
"Fan go bhfagha mé ionbhadh amach annseo."
"Is beag ionbhadh a bhíos ag na daoine ó thagas siad isteach ó obair trathnóna."
"Tabhair ionbhadh do'n fhear" = nuair a bheadh duine ag obair, agus fear eile dhá bhrosnú, déarfaidhe seo le giolla a bhrosnuighthe."
"Is mairg nach dtabharfadh ionbhadh dhó" = dá dtugtaí ionbhadh dó, tá'n gníomh ann.
"Fan le t'ionbhadh" = bíodh foighid agad, go dtige do bhabhta fhéin.
"Cé'n chaoi bhféadfadh aon-fhoghluim a bheith air agus nar chaith sé aon-ionbhadh ar scoil = aon-achar.

Íosbairt: millteanas, uathbhás, do-ní (dubhní)

"Nach hí an íosbairt í!" = an dóighteán ar dóghadh go leor daoine ann.

Rinne sé íosbairt = madadh a d'ól go leor uibheacha.

"Tá íosbairt déanta ar uain ag angadhar sin, ó tháinic an bhliadhain" = mharbhuigh sé go leor uan.

"Cé mhéad duine a tháinig ó'n íosbairt" = ó'n mbáthadh, ó'n dóghadh nó ó'n marbhú.

"Ní h-iongnadh ar bith go ndéanfadh sé íosbairt, agus laghad an bhagairt atá air" = gasúr a bhíodh ag déanamh milltinis, ach ní chuireadh a athair ná a mháthair aithne ná araoid ar faoi.

"A Dhia agus a Chríosta a d'fhulaing íosbairt" ("Eanach Cuain")

Ionnsuigh (D'ionnsuigh etc.) = tabhairt faoi dhuine nó rud, dul in a chion, imtheacht, gluaiseacht.

(a) "D'ionnsuigh sí mé gan fáth gan adhbhar" = thug sí fúm gan ughdar (thiocfadh dó go gciallóchadh sé díbliú nó troid arranta le na lámha)

"D'ionnsuigh sé mé ar bheagán ughdair."

"Tá a chuid ionnsuighe ar iarraidh anois, agus tá sé in am aige sin" = tá sé in ísle-brigh; tá sé ro-shean nó ro-chlaoidhte le achrann a chur ar dhaoine, agus b'fhada bhí sé ar an gceird sin.

"Níor leig sé a shláinte le aonduine ariamh a d'ionn-suigh sé." = duine ar bith dá'r chuir sé achrann air bhí deachma na slainte ar an duine sin uaidh sin amach; bheireadh sé droch-iarrantaí uaidh.

"Má ionnsuigheann sé mise, ní racha leis."

"Níor dhubhairt mise drúcht ná báisteach leis. É féin a d'ionnsuigh mé" (béim ar mé annseo) = níor chuir mé chuige ná uaidh. Eisean a chuir achrann orm."

"Ní ionnsuigheann sé duine ar bith uaidh fhéin go n-ionnsuightear é."

"Má ionnsuigheann sé Seán, ní cheilfe Seán lúd a láimhe air, agus cé tiubhradh milleán dó, mara gceilfeadh" = má chuireann sé achrann ar Sheán cuirfe Seán a neart i gcion air, agus ní milleán dó sin.

"Dhá mbeadh sé taobh le m'ionnsuighe, cé'r chás dom é, ach ba mheasa dhom a theanga ná a chuid iarrantaí" = dhíbligh sé é, idteannta tabhairt faoi, agus ba mheasa an teanga ná'n troid.

"Thug sé an t-an-ionnsuighe fútha" = go h-iondual
díbliú nó an teanga.
"Thug mé ionnsuighe de'n teanga dhó" = d'ith mé
agus liobair mé é; roinn mé an onóir
leis.
"Mhaithfeá do Dhia gan a bheith ag éisteacht leis an
ionnsuidhe a thug sí faoi." = b'fhearr leat ná
rud ar bith faoi'n domhan gan í a chloisteáil
dhá dhíbliú.
"Chuala mé gur ionnsuigh sé an 'Gabhairmint' sa
bpáipéar an lá cheana" = fuair sé locht nó milleán
ar an riaghaltas.
"Bheadh ciall ionnsuidhe corr-uair, ach sí an ionnsuidhe
chéadna igcomhnuidhe í." = ní chuirfeá leath-shuim
idtroid nó indíbliú uair sé nó seachráin, ach is
síor-throid nó síor-dhíbliú a bhíos ar siubhal
ann (nó aige, nó aice, acab etc.)
"Is mairg a d'ionnsóchadh sean-duine nó anduine"
(sórt sean-fhocal).
"D'iunseochadh sé siúd an diabhal fhéin, agus faghadh sé
fáill air."
"D'iunseochadh sé sagart an pharáiste, nuair a
bhuaileas an óinseamhlacht (ó = ú) é." = chuirfeadh
sé troid nó achrann ar an sagart nuair a thagas
olc, fearg, taghd, nó seafóid air.
"Dhá n-ionnsuigheadh sé duine ar bith ach an té a
d'ionnsuighe sé — créatúr bocht narbh fhiú
d'aonduine a dhul ag fiacha air" = ní chuirfeadh duine
ar bith aon-araoid ar an té a d'ionnsuigh, mar bhí sé
ro-lag nó ro-chlaoidhte nó ro-shean agus níorbh fhiú bacadh

leis.

"Leig do chuid ionnsuidhe ormsa" = eirigh as a bheith ag
cur troda ormsa.

"Má mhaireann duit, is gearr gurab é t'athair a bheidheas
tú 'ionnsuidhe." = gasúr a bheadh ag dul 'un ámhuilleachta.

"Thug sé ionnsuighe dholba fúm" = d'ionnsuigh sé mé
go diabhalta.

"Thug sé ionnsuidhe dhiabhalta fúm"

"Th'éis na h-ionnsuidhe sin a thabhairt faoi, d'fhan sé
ab uil iad 'na dheidh (dhiaidh) sin."

"Ná h-iarr é a ionnsuighe" = na bac le é a ionnsuighe.

"Beidh mé ag ionnsuighe nó go bhfágfa an ionnsuighe éalang
ort."

"Níl aon-duine a bhí ag ionnsuighe ariamh, nach bhfuair a dhóthain
di sa deire."

(b) tosuigh, gluais, (déan) d'áitigh air.

"D'ionnsuigh air ag cainnt = thosuigh sé ag cainnt.

"D'ionnsuigh air ag scríobhadh = thosuigh sé ag scríobhadh.

"D'ionnsuigh orm ag cur achrainn air"

"D'ionnsuigh ar Sheán ag gabhail fhuinn le stainnc."

"D'ionnsuigh ar an táilliúr ag stialladh an éadaigh."

"Níor ionnsuigh air ceart críochnuighthe ag cocaireacht
gur dhubhairt sí sin" = níor thosuigh sé ceart ag
sciolladóireacht gur dhubhairt sí an chainnt sin.

"Ionnsuigheann air chuile mhaidin ag tarraingt uisce"
= tosuigheann sé ag tarraingt uisce.

"D'ionnsuigh sé air ag caitheamh cloch" = d'áitigh air

"D'ionnsuigh sí uirre (capall) síos an bóthar is na
feire glinnte."

(c) D'imthigh leis dhá shiubhal ionnsuidhe, agus níor
chomhnuigh sé ariamh go ndeacha sé ar an mBántruinn"
= bhí sé ag siubhal leis, gan aon-chomhnuidhe a
dhéanamh in aon-áit gur shroich sé an Bhántruinn.
"Tháinic mé annseo anois de mo shiubhal ionnsuidhe
"Tá sé dul siar an bóthar dhá shiubhal ionnsuidhe.
"Is beag a shílfeadh go ndéanfadh sí an t-aistear
sin dá siubhal ionnsuidhe."
"Tiocfa mé ann de mo shiubhal ionnsuidhe,
mara bhfuighe mé a mhalrait de chaoi."
"Níl cor ná car ann taréis an méid sin
bóthair a ghearradh dá shiubhal ionnsuidhe"
= níl sé indon corruighthe, mar shiubhail sé píosa
mór.
"Baoghal ormsa a theacht de mo siubhal ionnsuidhe
annseo. Nach gcaithfinn beannú don chomhursa."
(duine a bhí ag leigean amach go ndearna sé
comhnuidhe faoi bhealach ag teacht dó)
"Chuaidh sé siar go Doire Iorruis dhá shiubhal ionnsuidhe,
gur ól sé bleaghánach poitín ann."

(d) Imtheacht, a dhul.

"Ionnsócha mé soir Camus an tseachtmhain seo chugainn

go bhfeice mé cé'n bláth atá orru" = racha mé

soir go Camus, go bhfeice mé cé'n chóir atá orra."

"Ionnsócha mé síos Gaillimh ambáireach fé'int

a bhfuighinn obair ann."

"D'ionnsuigh sé amach an cnoc trathnóna
agus ní fhaca muid aon-amharc air ó shoin"
= chuaidh sé amach an cnoc
"Bíonn sé i gcomhnuidhe ag ionnsuighe roimhe mar
sin = ag imtheacht leis.
"D'ionnsuigh sé amach Dúithche Sheoigeach Dé
Domhnaigh, agus níor thaobhuigh sé muide ó shoin."
"Ionnsócha mé soir an sliabh ar ball."
"Is olc an áit a d'ionnsuigh sé chomh deireannach
sin — an sliabh"
"Fan ort go ceann míosa eile go n-ionnsuighe
mise na sléibhte" = fan go ceann míosa eile
go dteighe mise go dtí tamhnachaí atá faoi
sléibhte.
"Ba bheag an baoghal orm an baile a ionnsuighe chomh
deireannach sin agus a raibh ólta agam."
"Ní ionnsóchadh an sliabh chomh domhain sin 'san
oidhche ac fear eolais" = ní rachadh duine ar
bith eile faoi shliabh chomh deireannach sin,

mara mbeadh eolas aige ar an sliabh agus fios
an bhealaigh aige.
"Aineoluidhe ar 'bhicycles' é agus in a dhiaidh sin
d'ionnsuigh sé an áit amach ar maidin"
= ní raibh mórán eoluis aige ar rothar a thiomáint
agus in a dhiaidh sin, bhí sé de mhisneach aige, imtheacht
go dtí an tír amach uainn (an ceanntar taobh
amuigh de na sléibhte, nó le h-ais na sléibhte, nó
ceanntar a bheadh ibhfad uait, nó a bheadh neamh-
chosamhail le cheanntar fhéin).
"Ní ionnsóchainn taobh na fairrge anois ar
a bhfaca mé ariamh" = ní rachainn go dtí
ceanntar na fairrge anois
"Ionnsócha mé amach faoi na tíortha, chomh giobach
le caora glas
agus mara bhfagha mé bean ar an gcaoi sin, tréigfe
mé an saoghal ar fad" (sean-amhrán)
"Bhí ionnsuidhe faoi ag dul soir" = imtheacht,
teannadh siubhal; gearradh bóthair.
"Is fúithí atá an t-ionnsuidhe" = tá sí ag
déanamh an-tsiubhal."
"D-l a leithide d'ionnsuidhe a's a bhí faoi!" =
bhí sé ag gearradh bóthair go tréan.
Má leanann ort ar an ionnsuidhe seo, beidh tú
imBaile Átha Cliath roimhe thrathnóna" = má
mhaireann duit ar an táirm seo, ar an
siubhal seo.
"Ní choinneochadh na Fianna Éireann leis agus an
t-ionnsuidhe a bhí faoi."
"Bhí ionnsuidhe faoi abhaile, nuair a d'innis mise
sin dó."

(d) creachlaois; roinnt mhaith

"Rinne sé an-ionnsuidhe oibre" = cuid mhaith oibre

[corr-uair a cloistear é]

Íochtar = an chuid le tóin; an cuid thíos uilig; an chuid is ísle
[malrait ar "uachtar"]

"Tá'n tae istigh in íochtar an drisiúir" = sa gcuid thíos de'n drisiúr.
"Tá'n casúr istigh faoi íochtar an drisiúir" = thíos faoi chláracha tónach an drisiúir
"Íochtar an bhuird, an chléibh, íochtar an tubáin, an bhairille (tóin), etc.
"Íochtar na cruaiche" = an snáth is ísle de chruaich mhóna.
"Íochtar an choca" = an bréidín féir is goire de'n talamh i gcoca féir.
"Tarraing uchtóg dhom as íochtar an chóca."
"Tóg an mhóin as cnámh-éadain ó íochtar nó ólfa sí an t-uisce" = tóg an mhóin as an gcruaich ó'n ngníomh íochtair fód ar an bhfód, nó racha fréileachas thríd an gcruaich.
"Íochtar na bróige" = bonn na bróige
"Íochtar an bhalla" = an cúrsa le talamh.
"Íochtar an tighe" = an limistéar le talamh; i gceartas leis an limistéar thuas an staighre, sé sin uachtar an tighe; ach idtighthe ceann-tuighe aon-stór amháin, cialluigh-eann sé go minic ag an mbinn is fuide ó dheas nó is fuide uait.
"Bhí sí in a suidhe ag íochtar an tighe" = taobh amuigh ag an mbínn ó dheas.
"Íochtar mo chóta" = an chiumhais thíos.
"Íochtar an ghúna" = an chiumhais thíos
"Chrap sí suas íochtar a gúna, (a cóta, a seál, a clóca, agus rl.)" = = d'fhill sí aníos é.
"Bhí an sruth as íochtar a cóta, (a gúna, a bhríste agus rl.)" = bhí sé an-fhliuch agus an bháisteach ag silt as.
"Tá íochtar mo ghúna (mo bhríste, mo chóta, mo sheáil etc) fliuch báidhte"
"Torm (tabhair dhom) binn de iochtar do sheáil" = = leig isteach mé fá'n gcorr thíos d'íochtar do sheáil"
[nuair a thiocfadh sé fliuch agus go mbeadh bean a bheadh in a cóiriú ag iarraidh fascadh ar bhean seáil]
"Tá íochtar do ghúna stróicthe, stiallta." (nó stroicthe, stiallta liobruighthe)
"Ní raibh snáth de na seacht n-éadaighe air. Bhí íochtar a léine le feiceál amach thrídh na bhríste" (bacach nó ceannuidhe)
"Íochtar na spéire" = is cuid is goire de thalamh = bun na spéire = "Tá'n duibhthean ag íochtar na spéire. Sílim gur gearr uaidh báisteach" = tá an spéir dubh ag a bun. Sin tuar báistighe."

"Chonnaic mé lasair aréir in íochtar an aeir."

"Níl aon-duine ó íochtar an aeir go dtí uachtair an aeir, is uilce ná é" = sé'n duine is uilce faoi'n saoghal é.

"Tá íochtar mo theangadh tinn."

"Tá rud eicínt ar íochtar mo bhéil."

"Tá tighthe in íochtar an ghleanna" = sa log is doimhne ann nó amanntaí ag a cheann.

["Íochtar an ghleanna" — dhá mbeitheá ag breathnú air ó árdán fá gcuairt, 'sé íochtar an ghleanna an log is doimhne 'sa ngleann, ach má bhíonn tú ag a cheann ó thuaidh, sé an ceann ó dheas "íochtar an ghleanna"]

"Íochtar an tobair" = tóin an tobair.

"Tá ruille-bhuidhe in íochtar an tobair" = tá luibhthearnach ag fás in íochtar an tobair.

"Íochtar na fairrge, na locha etc."

"Tá cairt ar íochtar an tubáin" = salachar atá greamuighthe dhá thóin.

"Tá cnámharlach eicínt ar íochtar na gloine. Ní cheapfainn gur poitín maith é" = tá mar bheadh billeoigín nó cáithníní eicínt ar thóin na gloine, agus dá mbadh poitín maith é, ní bheidís sin ann.

"Scéitheann na bradáin ar an ngaineamh ar éigin a bhíos in íochtar srutáin" = síolruigheann siad ar an scaineamháin atá idir a bheith in a ghaineamh agus in a chréafóig ar thóin abhann.

"Íochtar na h-iomaire" = an ceann di atá ag an gclaise srotha.

"Bhí na Lochlannaigh indon uachtar na h-iomaire a leasú as a h-íochtar" [sin rún a bhí acu, agus nar leigeadar le aon-Éireannach ariamh é — tá sean-scéal faoi]

"Tá na h-íochtair caithte ar mo chuid bróg" = na buinn.

"Níl díon deor ins na h-íochtair" = leigeann buinn na mbróg isteach chuile dheor a bhíos amuigh.

"Tá na h-íochtair ag tabhairt uatha" = tá buinn na mbróg ag imtheacht ó chéile.

"Tá na h-uachtair go maith, ach tá na h-íochtair imthighthe dhíob" (bróga)

"Cé'n mhaith na h-uachtair a bheith go maith, má bhíonn {na} h-íochtair ag leigean isteach" (bróga)
"Bhí na h-íochtair is measa a chonnaic mé ariamh ar na bróga sin."
"Tóg as a h-íochtar í" (feamuinn, móin etc)
"Ní mór dhá h-íochtar a bheith go maith i gcleitheamhnas a h-uachtair" = ní raibh aon-mhaith leis an uachtar, agus caithfe an t-iochtar a bheith an-mhaith le cúitiú ar a shon sin (cruach mhóna, coca féir, iomrachaí fataí etc)
"Is deise as a h-íochtar í ná as a h-uachtar."
"Tabhair leat aníos ó'n íochtar í" = as éadan (móin, feamuinn, gaineamh etc.)
"Íochtar an bhaile" = an chuid de'n bhaile is fuide ó dheas nó is goire do'n bhóthar.
"Níl mórán tighthe ar íochtar an bhaile. Is mó go mór atá ar' uachtar."
"Tá sé in a chomhnuidhe ar íochtar (in íochtar) an bhaile"
"Is aisteach an dream iad muinntear íochtar an bhaile" = na daoine atá in a gcomhnuidhe ar an gcuid is ísle de'n bhaile, nó le bóthar, tá siad groidhe, nó aisteach.
"D'eile cé dhéanfadh é, ach muinntear íochtar an bhaile"
"Tabhair suas do mhuinntir íochtar an bhaile é" = níl aon-chinneadh leo.
"Cá'id ó 'bhí tú 'cuartaidheacht in íochtar an bhaile?"
"Bíonn íochtar an bhaile igcomhnuidhe sceithte" = bíonn fuarloch igcomhnuidhe ar íochtar an bhaile.
"Níl scéal thoir ná thiar nach ag mná íochtar an bhaile atá. Ar ndú (ndóigh) tuige nach mbeadh, agus iad ar shúil an bhóthair."
[Íochtar an pharáiste, uachtar an pharáiste ar an gcóir céadna]
"Íochtar na páirce"
"Íochtar an chladaigh" = an chuid is fuide amach di, an cuid is fuide a dtrághann sé air.
"Bhí dola mór feamuinne in íochtar an cladaigh indiu."
"Bhí íochtar Caltha an Uisce leis, agus ní fheictheá é sin leis, ach le an-thráigh" = bhí sé tráighte amach go dtí an chuid is fuide i bhfarraige de Chaladh an Uisce

agus marach go raibh an rabharta an-mhór, ní
bheadh sin le feiceál.
"Mara dtarrnuighe an súighteán í (an fheamuinn)
fanfa sí in íochtar cladaigh."
"Níl aon-fheamuinn de'n rath ar an íochtar."
"Níorbh fhiú dhuit a bheith de do mheárú féin le
íochtar cladaigh mara bhfaigteá coirrleach"
= níorbh fhiú duit anró a fhághail ag baint na
feamuinne a bhíos ar íochtar an chladaigh, mara
n-eirigheadh cuirrleach leat (cineál feamainne
dosaighe)
"Tá'n t-íochtar cladaigh go toghtha ag an gcur óg" = tá'n
fheamuinn a fhásas ar an gcuid is fuide amach do'n chladach
go h-an-mhaith mar leasú i gcóir an tsíl is deireannaighe
a cuirtear sa mbliadhain (cuirim igcás faoi Bhealtaine)
"Is deacair a dhul a' dréim le íochtar cladaigh a fhághail
anois, agus laghad an rabharta atá ann"
= is deacair a dhul ag féachaint le feamuinn
ibhfad amach a bhaint, mar ní thráigheann sé ro-fhada
amach.
"Ní gan anró a dhul faoi íochtar cladaigh" (ag baint
fheamuinne in íochtar an chladaigh.
"Ní gan úidh ná óidh a bheith ag pléidh le
íochtar cladaigh" = is obair anróighteach ag baint
fheamuinne atá roinnt doimhin i bhfarraige.
"Cé'n ghoir atá ag barr cuanla ar íochtar cladaigh"
= níl an fheamuinn in uachtar an chladaigh chomh maith mar
leasú le feamuinn íochtar an chladaigh.
"Is lugha anró an barr-cuanla, ach is fearr de
leasú an t-íochtar." = níl sé chomh deacair an
fheamuinn imbéal na dúirlinge (nó na talmhan) a
bhaint, ach is mó leasú atá san bhfeamuinn atá le
íochtar.
"Ní racha mise ag carruidheacht le íochtar cladaigh go
ngoine rabharta" = ní racha mise ag baint na
feamuinne le íochtar an chladaigh, go mbí an
rabharta in a neart.
"Tá fás maith feamuinne duibh' le íochtar,
ach tá sí scáinte aníos imbéal na trágha."

= fásann an fheamuinn tiugh (tiubh amanntaí) síos ibhfad sa gcladach, ach tá léasáin sa bhfeamuinn de réir mar tharrnóchas tú aníos ar an tráigh nó níos goire do'n talamh.

"Bhí an snáth-mara thíos le íochtar" = an fheamuinn dearg a tháinic isteach bhí sí in a líne síos go maith sa gcladach, mar is dóigh nach raibh aon-tuile árd ann (ní bhíonn an h- mar urdhubhú igConamara le le, ach amháin san abairt "mac le h-imirt nó mac le h-ól", agus ní bhíonn sé annsin féin amanntaí)

"Má's leat íochtar trágha a bhaint, ní fhéadfa tú a bheith chomh triollata sin ar na cosa" = má tá fút an fheamuinn atá ar an gcuid is fuide amach de'n tráigh a bhaint, caithfe tú do chosa a fhliuchadh.

"Tá íochtar an chladaigh faoi fhéin uilig aige. Meastú ab in roínnt cheart" = a gceapann tú go bhfuil feamuinn an an chladaigh roinnte go cóir ná go cothrom agus an chuid is fuide síos de'n chladach uilig ag duine amháin.

"Is gearr a rachas a bhfuil ar an íochtar ar an ngarruidhe sin."

"Fás íochtair ó anuraidh a chuir mé ar an sean-chur." = feamuinn a bhí le íochtar agus a d'fhás anuraidh (mar baineadh an chuid chéadna de'n chladach anuraidh) a chuir mé ar an síol is túisce a chuir mé sa mbliadhain.

"B'éigin dom feamainn íochtar a chuir air. Ní raibh a malrait agam."

"Ní fhásann an fheamuinn bhuilgíneach sin ná an mhíoránach le íochtar chor ar bith annseo."

"Nuair a bhíos oibriú sa bhfarraige, baineann sí an fheamuinn a bhíos le íochtar."

"Is beag an tolgán do'n fhairrge an fheamuinn le íochtar a baint" = is beag an craitheadh a fhághas sí an fheamuinn atá scathamh amach sa gcladach a bhaint.

Íochtar an ghuirt.

"Ní bhíonn aon-bharr de'n rath ar na h-íochtair" = ar chloigní na n-iomrach le h-ais na claise srotha, nó ar shrathachaí abhann, nó ar thalamh le h-ais na fairrge.

"Chonnaic mé Ned Pheaits ag dul soir le íochtar. Indiaidh feamuinn dearg a bhí sé is cosamhail" = chuaidh sé soir ins na garradhantaí atá le h-ais na fairrge; na garranntaí is fuide síos ar an mbaile.

"Tá na caoirigh thíos le íochtar."

"Bíonn cead scuir ag na caoirigh le íochtar an tráth seo bhliadhain" (an geimhreadh) = ní bhíonn aon-bhacainn orra a dhul ar chuid a rogha duine thíos in aice na fairrge (nó ag ceann an bhaile) an t-am seo 'bhliadhain.

"Feicim é a' feithiú soir le íochtar" = duine a bhí ag breathnú ar dhuine eile ag triall uaidh soir le cladach (nó an talamh buailte ar an gcladach) nó b'fhéidir an talamh ag ceann an bhaile nó ar leirg gleanna.

"Chuaidh sé siar le íochtar trathnóna deireannach. Súnás (saobhnós?) feamuinn' dearg a bhí air déarfainn."

(fonn cráidhte feamuinn dearg a fhághail)

"Tá mé ag dul síos ar na h-íochtair indiu" = ar an talamh ag síneadh leis an bhfairrge, ar bruach locha abhann etc. (féach na leaganacha réamh-ráidhte)

"Is beag a bhíos de bharr na n-íochtar céadna. Ní túisce curtha ná sceithte iad go minic" = ní bhíonn mórán bairr dá mbarr; tagann tuile na fairrge, na locha na h-abhann etc orra agus cuireann sí an barr ó rath.

"Raibh aon-chaoirigh agaibh-se thíos ar na h-íochtair, an tseachtmhain seo caithte."

"Coinnigh siar ar an íochtar" = fan le cladach síos, agus ná feithigh uaidh.

"Ní mór dhuit coinneál síos go maith ar an íochtar" (le íochtar) = caithfidh tú fanacht nó siubhal ar an gcuid atá ag síneadh leis an bhfairrge etc.

(nó amanntaí le claidhe an ghuirt)

"Sin é a raibh de bharr na n-íochtar againn" = beagán bairr,
nó b'fhéidir gur gortuigheadh ann duine, nó ghur tholg
sé slaghdán ann etc.
"Sin é a raibh de bharr na n-íochtar agam, mo
chos a leonadh."
"Tá sé faoi íochtar" (faoi iochtair, faoi íochtar an
bhaile etc.)
"Buailfeamuid síos faoi íochtar an bhaile" = tiocfamuid
síos go dtí (in) íochtar an bhaile.
Bhuailfeamuid soir le iochtar an bhaile" = rachamuid
soir leis an gclaidhe tórann thíos de'n bhaile.
"Rachamuid soir le íochtar na locha" = leis an gceann
ó dheas nó is fuide uainn de'n loch.
"Rachamuid síos faoi íochtar na locha" = go dtí í. na locha
= go dtí an ceann is fuide uainn de'n loch (an ceann
ó thuaidh go minic — go h-áirithe dá mbeadh comhnuidhe
ar an duine adéarfadh é ag an gceann ó dheas
de'n loch.

"An domhan íochtair" (i scéal amháin) = "an domhan thíos" =
sórt áit a samhluigheadh do scéaluidhthe a bheith faoi
thalamh
"Go gcartuighe mac dílis Dé síos go fior-íochtar
Ifrinn thú" (eascaine uathbhásach) = an log is
doimhne in Ifreann.
"Má mhaireann duit ar an gceird sin sé fíor-
íochtar Ifrinn t'áit."
"Tá na diabhail ag sluaisteáil gríosaighe air, san íochtar
is fuide síos d'Ifreann" [fear adubhairt ag cainnt dó
ar Chromail. Samhluigheadh do'n chainnteoir go raibh
an iomad íochtar in Ifreann, ach go raibh Cromail
sa bhfíor-íochtar]
"Go h-íochtar Ifrinn a chuirfinn é, dhá mbeadh an
'power' agam."
"Is bocht an loscadh a gheobhfas tú in íochtar
Ifrinn fós."
"Is fuide síos é ná íochtar Ifrinn."
"Is gearr a bhí idir é an uair sin agus íochtar Ifrinn"

[Dubhradh le duine a raibh cathú air coir a
dhéanamh)
"'Sé íochtar Ifrinn atá roimhe" = is ann a rachas
sé nuair a gheobhfas sé bás.
"Tús na breithe ag mac Dé, ach mara dteighe sé go
h-Íochtar Ifrinn, níl baoghal ar bith ar aon-duine
eile."
"Bhí béal air, agus ní choinneochadh na diabhail in
íochtar Ifrinn coinneal dó" = (bhí droch-bhéal
amach a's amach air.)
[Freagra abartha ar an gcainnt dheireannaigh]
"Cé'n sórt coinneal sin ort? Nach raibh neart soluis
ann dá h-uireasbha."

"Faraor nach bró-mhuilinn atá faoi do mhuineál ar íochtar
Chuain an Fhir Mhóir" (ar thóin) [eascaine]
"Faraor nach céad meadhchain atá faoi do mhuineál
agus thú leath-cuain ar íochtar na fairrge" = eascaine
[leath-cuain = amuigh i lár chuain na Gaillimhe; leath-bealaigh idir
Conndae Chláir agus Conamara]
"Bhuail sé an t-íochtar faoi dhó" = fear a thuit amach
as bád, agus a chuaidh go tóin puill dhá uair.
"D'ól sé go h-íochtar é" = fuisce, bainne, nó eile.
"Ó chuaidh tú chomh fada sin ann, teirigh go h-íochtar"
adéarfaidhe le duine a d'ólfadh taoscán maith as gloine
muigín nó soitheach ar bith, ach nach gcríochnóchadh é.
"Níl mé indon é a ól go h-íochtar."
"D'fhága sé braoinín beag ar íochtar na gloine."
"D'fhága sé oiread na frighde ar íochtar."
"Bhí an gloine líonta go buinne bruach, agus shluig sé
go h-íochtar í" = "bhí sí líonta go drad, agus d'ól sé 'chuile míle
deor, dá raibh innte."
"A' ndeacha sé go h-íochtar innte" (gloine, muigín nó eile)
= ar ól sé uilig í.
"Tá sí ídighthe go h-íochtar" (cruach mhóna, mála mine agus rl.)
"Tá streanncán beag (strionncán adeirtear) ar
íochtar an cheaintín." = braon beag; taoscáinín

"Má chuireann tú an canna ar a chorr (chour)
adeirtear, b'fhéidir go bhfuightheá lán do bhéil ar
íochtar."
"An bréidín íochtair" = an bréidín a bhíos le talamh i
gcoca féir.
"An gníomh íochtair" (an snáth íochtair) = an chéad snáth, nó
an gníomh buinn i gcruaich mhóna.
"An cúrsa íochtair" = an chéad chúrsa a deantar i
bhfoirgniú (i bhfoirgneamh)
"An buinne íochtair" = buinne béil cléibh; an
chéad bhuinne a fightear i gcliabh, arae bíonn béal an
chléibh sa talamh nuair atáthar dhá dhéanamh.
"An drad íochtair" = an béal íochtair; na fiacla atá
sa mbéal íochtair. "Carbad íochtair"
"An garraidhe íochtair" = an garraidhe is fuide ó dheas,
le h-ais na fairrge, bóthair, nó rl.
An baile íochtair, Boluisce Íochtair, Boluisce Uachtair,
"talamh íochtair" = an chré, nó an bréidín chreafóige
is fuide síos sa talamh.
"Níor mhór duit a dhul go talamh íochtair annsin,
shul a bhfuighthea aon-uisce ann" (taluw — ní
abruightear an mh indeire focla in Gaillimh, cé's
moite de'n áit a mbíonn guth idtosach an
chéad fhocail eile)
"Chuaidh an bhó síos go talamh íochtair" = chuaidh sí dhá
báthadh agus chuaidh sí an-fhada idtalamh.
"Má theigheann tú do (go) do bháthadh annsin, gabhfa (gó)
tú síos go talamh íochtair."
"Bhí sé leis an gcloich ariamh, ariamh, go dtug sé
aníos ó thalamh íochtair í."
"Caithfe tú baint go talamh íochtair annsin, le áit
tighe a fhághail.

Cloch íochtair?
"D'ólfadh sé an chloch-íochtar de Ghaillimh" = "d'ólfadh
sé a dtuilfeadh sé."
"D'ól sé an chloch-íochtar" = d'ól sé a dtáinic sé
suas leis = d'ól sé roimhe.
[Níor chualas ariamh an leagan seo ach leis an bhfocal
ól, agus mar atá sé annseo. Cialluigheann sé is dóigh
go n-ólfadh sé an baile mór ar fad go bonn.]

"Tá íochtar Bhaile an Ghleanna siubhalta agam fré chéile
agus ní bhfuair mé a dhuth ná a dhath ná a thuairisc."
"Íochtar Tíre" = Cúige Uladh.
"Muinntir Íochtar Tíre" = muinntir Chúige Uladh.
"Bhí fear aníos amach as Íochtar Tíre annseo fadó,
agus ba Protasdún é" = aníos as Cúige Uladh, atá i bhfad
ó láthair.
"Sé'n fáth go bhfuil an ghaoth adtuaidh chomh nimheannta,
mar 's as Íochtar Tíre a thagas sí."
"Mara dteaga muinntear Íochtar Tíre le cómhar
gheobha siad rud ar a shon" = mara bhfuil siad sásta
géilleadh do'n chuid eile do mhuinntir na h-Éireann
agus comhar a shnadhmadh leo, cuirfidhear faoi
ndeara dóibh sin a dhéanamh.
"Fear as Íochtar Tíre" = go h-iondamhail sin é an
chaoi a dtráchtar ar dhuine cuideáin nó ar
strainséara i scéalta. "Badh fear as Íochtar Tíre
é."
"Is danardha an dream iad muinntir Íochtar
Tíre" = is mío-adhásach, mío-chomhairleach an
dream iad.
"Is mairg a bheadh ag iarraidh maitheasa ar
mhuinntir Iochtar Tíre" = níor ceart a bheith ag
tnuthán, go dtiocfaidís le comhar, ná go
ndéanfaidís an rud ceart.
"Chloisfí in Íochtar Tíre é, leis an scréachghail a
bhí air."
"Chuir sé fuisce go h-Íochtar Tíre" = d'ól sé é.

Íochtar = pis mná.
"Tabhair faoi'n íochtar di é."
"Tá sí te bruithte as an íochtar."
"Tá íochtar te bruithte aice."
"Leagfa sé ar an íochtar aice"
"Íochtar éalannach a bheidheas aice dhá bhárr"
"Beir as a h-íochtar uirre."
Oibrigh an t-íochtar aice"

"Mara chéile iad go h-íochtar" = mara a chéile iad ar fad.
Daoine ar aon-tréartha an mhuirghín nó'n t-ál nó an
dream sin uile go léir.
"Níl duine go h-íochtar acu, nach h-aon-bhealach
amháin a bhí leis" = b'ionann béas dóibh fré chéile
"Níl duine go h-íochtar sa mbaile sin, nach gaduidhe."
"Teirigh thríotha go h-íochtar anois, agus cé' fhéadfas tú
a bhaint as margadh." = is mara a chéile chuile dhuine
do réir an chaoi a bhfuileamar dá meas.
"Mara a chéile chuile chárta go h-íochtar acu."
"Beir as íochtar air" = comhairle do charuidhe breith isteach
nó ó'n lár síos ar a chéile caruidheachta.
"Dhá dtugtá fúithe as íochtar, b'fhéidir go dtóigfeá
í" = comhairle do dhuine a bheadh ag iarraidh cloiche a thógáil

lámh in íochtar" = nuair a bheireas beirt charuidhthe isteach
ar a chéile, go dlúth, agus lámh ag duine acu faoi ascaill a
a chéile caruidheachta sin "lámh in íochtar."
["lámh in uachtar" = beirt charuidhthe in ngreim isteach ar a chéile
go dlúth, agus lámh ag duine acu thar ghualainn a chéile, agus an
cleas céadna le na chéile carruidheachta.
"Rugadar isteach ar a chéile, lámh in íochtar, lámh in
uachtar, agus lámh uaisle na carruidheachta" — sin é an chaoi
a gcuirtear síos 'sna sean-scéalta ar gheábh carruidh-
eachta idir dhá ghaiscidheach."
"Rugadar isteach ar a chéile — lámh in iochtar, lámh in uachtar agus
lámh uaisle na carruidheacht. Rinneadar árdán de'n isleán
agus bogán de'n chruadhán, gur thugadar toibreachaí fíor-
uisce thrídh lár na leacrachaí glasa, le neart a gcuid
carruidheachta. Nuair a bhí an ghrian a' dul faoi trathnóna
tháinic an spideoigín ar an gcraoibh; 'A mhic na
scolóige' adeir sí, 'níl fear do chaointe ná do shínte le
fághail.' Annsin thug mac na scolóige, cor do'n fhathach, agus
chuir sé go corrógaí sa leic é. An darna cor chuir sé
go comhngar (cúmhngar) an uicht a's a mhuiníl é. 'Fóill ort a
ghaiscidhigh' adeir an fathach. 'Leig m'anam liom, agus

tiubharfa mé mo chlaidheamh soluis, agus m'each caol dubh duit a bhéarfadh ar a 'ngaoith Mhárta a bheadh roímpe, agus nach mbéarfadh an ghaoth Márta a bheadh in a diaidh uirre": [cuid de chulaith gaisce na sean-scéal]
"Tiocfa mé leat, má thugann tú lámh in uachtar agus lámh in iochtar dhom" = má thugann tú cead dom leath-lámh liom a chur faoi t'ascaill agus an leath-lámh eile thar ar do ghualainn, agus a dhul a carruidheacht leat.
"Ní thiocfa mé inglacamus lámh leat, mara dtuga tú dhá lámh in íochtar dhom" = ní racha mé a' carruidheacht leat, gan dhá láimh in íochtar a thabhairt dom.
"Dhá láimh in íochtar (lámh in uachtar agus in íochtar] a bhí aca(b) ar a chéile."
"Is ait an caruidhe é, má fhaghann sé dhá láimh in íochtar" [féach "isteach" — na somplaí annsin a bhaineas le "láimh istigh" féadfaidhe leas a bhaint astu annseo]

Iochtarach (Íochtaraighe) = an-fhada síos; ó dheas; gar do cheann an ruda. [féach íochtar]

"Tá sé ró-íochtarach" = ro-fhada síos; ro-fhada ó dheas etc.
"Tá sé in a chomhnuidhe níos íochtaraighe ná sin ar an mbaile."
"Sílim gurab é an teach is íochtaraighe ar an mbaile é" = is goire do bhóthar an ríogh; is fuide ó dheas; is goire do'n fhairrge.
"Dhá íochtaraighe dhá bhfuil sé, tá tighthe ann is íochtaraighe ná é."
"Níl dhá íochtaraighe dá dteighe tú anois, nach amhla is fearr dhuit" [is annamh a cloistear h in urdhubha le focla a bhfuil guth in a dtús]
"Tá an cuirrleach íochtarach go maith sa gcladach."
"Tá mo ghúna ro-íochtarach" = ag dul síos ro-fhada.
"Dhá dteighinn níos íochtaraighe sa bpaca, b'fhéidir go gcasfaidhe mámh liom"
"Bhí an t-aona hairt ní b'íochtaraighe."
"Dhá ngearrthá díobh níos íochtaraighe, b'fhéidir go bhfuighinn an cionán" [cártaí]
"Tóg an chuid is íochtaraighe de'n fheamuinn idtosach."
"Is íochtaraighe go mór a chuid-seisean ná mo mo chuid-sa" = is goire do'n fhairrge, do bhóthar an ríogh etc. a chuid talmhan seisean ná mo chuid talmhan-sa.
"Tá na beithidhigh íochtarach le cladach"
Is fearr dhuit coinneál íochtarach"

Iomaire = druim, ionnlach cuir idir dhá chlaise, cruit i dtlacht na talmhan
[iolraidh = iomrachaí]

"Tá cupla iomaire phlanndaí (oinniúin, mheacan, choilís, ghabáiste etc) curtha agam."
"Is gearr ar a mhuirghín an cupla iomaire ghágach (fhataí) a chuireann(s) sé." = ní lón dá bhfuil de chloinn aige i bhfad, sgáth a gcuireann sé d'fhataí.
"Tá'n iomaire fóduighthe agam" = fód curtha as an gclaise isteach ar an iomaire.
"Caithfeamuid iomrachaí a dhéanamh de'n fheamuinn" = caithfeamuid í ' sgaradh i gcumraidheacht iomrach.
"Caithfeamuid an fheamuinn a sgaradh in a h-iomrachaí."
"Tá cion iomaire d'fheamuinn le cois agam" = tá cion iomaire d'fheamuinn d'fhuighleach (an dá d annseo deirtear mar g iad) = tá an oiread feamuinne fágtha agus a dhéanfadh iomaire a leasú.
"Tá cion dhá iomaire fataí sa gcárnán sin" = an oiread fataí agus a bheadh i dhá iomaire.
"Níor thoghuigh (how adeirtear) mé ach cupla iomaire" = níor phioc mé ach cupla iomaire.
"Ag casadh fóidín baic ar an iomaire a bhí sé" = talamh bán nó bran(t)ra, gan aon-leasú ach a bheadh roinnte amach in' iomrachaí agus casfaidhe fód nó sgrath le láighe air.
"Nuair a bheidheas an chlaise comh-aoirde leis an iomaire trí h-uaire beidh deire an domhain ann annsin" = talamh a mbainfí barr di agus é in a iomaire agus in a chlaise. D'fhágfaí mar sin é gan na bruachannaí a leagan, go mbeadh gruadh na talmhan fásta cothrom aríst. Cuirfí ar an gcóir chéadna é an dara h-uair; nuair a bheadh an chlaise cothrom leis an iomaire taréis an tríomhadh cuir, bheadh deire an domhain ann.
Bealach eile ["trí aois chlaise fórlaigh (fuarlaigh?) deire an domhain"]
"Bhí poilitéaraí annsin fadó, sin é an fáth na h-iomrachaí bána a bheith ann anois" = is iomdha áit go h-áirid ar thamhnógaí sléibhe atá bánuighthe anois, a mbíodh comhnuidhe fadó roimhe an droch-shaol. Bhíodh daoine (poilitéaraí) go síorruidhe ag aistriú ó áit go h-áit. Dhéanaidís teach sgratha ar chnocán nó ar thulaigh nó ar thamhnóig nó

ar an móinín bán chois an chasáin, agus shaothruighidís binn de'n talamh nó de'n tulaigh etc. Bhainidís an barr nó'n bearradh sin de, ach shul a mbíodh ionbadh ag an measadóir a theacht agus a dteáltaí, agus a n-áirgí a mheas, leigidís an comhnuidhe sin de léig, agus theighidís go dtí tamhnaigh eile. Go h-iondamhail, ní bhainidís ach barr amháin de'n ghiodán talmhan, a dtógaidís bínn air agus d'imthighidís gan na bruachannaí a leagan. Is dá bharr sin, atá comraidheacht na n-iomrach le feiceál ar ar chnocáin agus ar thamhnachaí sléibhe fós, nach raibh aon-chomhnuidhe orra le linn na ndaoine. Poilitéaraí na daoine a mbíodh an súnás (saobhnós?) sin orra, agus iomrachaí bána atá ar na cnocáin etc. dá mbárr.

"An Iomaire Ruadh" — druim nó roc árd, i dtuinn na talmhan in áit eicínt i gCois Fhairrge. Tá tracht uirre sa tar(n)gaireacht, ach níl aon-duine in ann 'innseacht go barrainneach anois cá bhfuil sí. Deir furmhór na ndaoine go síneann sí treasna ó'n Aill Fhínn, ag Roillic an Chnuic i gCois Fhairrge go ceanntar Uachtar Árd. Tá'n druim san talamh feadh an achair sin ceart go leor.
"Deir an tar(n)gaireacht nach marbuighthidhe [marbhóchthaidhe — marbhuighthe go h-iondamhail i gCois Fhairrge, ach chloisfeá maróifí amanntaí freisin] aon-dhuine taobh thiar de'n Iomaire Ruadh" [De réir na tar(n)gaireachta sa Spidéal a thosóchas an cath. Tiocfá na Gaill i dtír ag Cuan Dú(mh)óige in aice Thobar Cholm Cille. Beidh triúr ban ruadh de mhuinntir Fhátharta an t-am sin i bpobal an Chillín. Tiocfa na gaill aniar, agus beidh an sagart ag rádh an aifrinn i dteach pobail na Tulaighe, ach ní bhainfe siad le aonduine annsin. Aniar leo(b) go dtí an Spidéal. Beidh ceann-phuirt ag tabhairt deoch dhá chapall san abhainn annsin, agus caithfidh duine as fuinneoig "an tighe mhóir" é (teach an Tighearna Chill Ainín, atá buailte ar an abhainn.). Tosócha an t-ár annsin, agus rachadh duine go dtí lascaí a bhfuil ag "Tóchar an Chláir" (tuairim's míle taobh thoir de'n Spidéal ar bhóthar na Gaillimhe). Suas an bóthar lathaighe (an bóthar atá ag dul ó'n Spidéal go Muigh Cuilinn) a rachas na Gaill]

"Iomaire an Líonáin" = Roc idtuinn na talmhana atá ag síneadh ó dheas taobh thiar de'n Líonán, leis an mbóthar ó'n Líonán do'n Mhám.
"Amuigh ag iomaire an Líonáin a chomhnuigheas sé."
"Cuirfeamuid sconnsa le iomaire an Líonáin agus ní leigfe muid aniar é thar Mhám an Tuirc Mhóir" [Sliocht as Amhrán an Phúca, Micheál 'ac Suibhne.]
"Is minic sin searrach ar iomaire bhán gan féar" [Líne nach dtuigim as "Tailliúr an Mhaga"]

Iomhchur, Iomchar, Iomchurtha etc.

Fuaim umpar, umpuirt úmpur (Conamara Thiar). Umprú, úmprú.

"Is beag atá sé indon a iomchur" = is beag meádhchain a dhíol.

Níl sé indon punt meadhchain a iomchur, ní áirmighim cliabh"

"D'iomcróchadh sé an teach ar a dhruim, tá sé chomh láidir sin"

"Tá sé iomchurtha agam" (úm, iompruighe)

Fhobair gur chuir sé a lúth amach ag iomchur cléibh" = is beag nár chuir sé ball dá chuid putóg amach le teann stangtha ag iomchur cléibh.

"Níl aon-iomchur ualaigh ann anois tharus (forra's) mar bhíodh" = níl sé indon ualaigh a iomchur mar bhíodh sé.

"Is gearr a bheidheas iomchur na gcos ionnam" = tarraingt na gcos.

"Is olc an bhean iomchuir cléibh a fuair sé teacht an earraigh agus eile" = níl sí sáthach láidir ná sáthach {urradhanta} le cléibh feamuinne aoiligh agus rl. a iomchur agus an t-earrach ar faghail.

"D'iomchuir mé mo chion féin de na h-ualaigh, agus is ag mo dhruím atá fhios sin, ní ag céasacht ar Dhia é" = d'iomchuir mé an oiread de na h-ualaigh (cléibh, máilíní etc.) agus a d'iomchuir mo leithide ar bith, agus tá a shliocht ar mo dhruim anois.

"Tá a chuid iomchuir ar iarraidh anois" [féach iarraidh] = níl sé indon aon-ualach a iomchur, ná ní bheidh feasta.

"Tá sé thar am agad eirghe as iomchur ualaigh feasta choidhchinn agus a bhfuil de bhromairí cloinne agad le 'na n-iomchur."

"Bhain mé stangadh (sreang, sneap, spreangadh) as mo dhruim (as mo chorróig etc.) ag tarraingt cléibh fheamuinne, agus níl mé ar mo chóir fhéin ó shoin" = shníomh mé cnámh in mo dhruim in mo chorróig etc, agus níl mé ó shoin mar bhí mé roimhe.

"Shníomh mé asna liom ag iomchur ualaigh idir mo dhá láimh, agus tá mé ar an-chaoi ó shoin."

"Níl filleadh ná feacadh ionnamh, ó shníomh mé mo dhruim.

ag iomchur málaí" = níl mé indon mé fhéin a lúbadh etc.

"Caithfe tú an cnámh (an druim) a lúbadh má's leat a dhul ag iomchur ualaigh."

"Níor lúb sé a dhruim ariamh ag iomchur ualaigh, agus nar eirigh an saoghal leis chomh maith le duine a bheadh lúbtha) a bheadh dhá shníomh fhéin ó mhaidin go faoithin."

"Tiocfa iomchur na gcléibh romhat leis an aimsir" = tiocfa tinneas nó buailfidhear suas thú amach annseo de bhárr a bheith ag iomchur cléibh.

"Is breagh an clár droma atá aice le cliabh a iomchur" = is leathan an druím atá aice le cliabh a iomchur. = "nach ar a druím atá áit an chléibh!"

"Is maith uaidh ualaigh a iomchur" = tá sé go maith ag iomchur ualaigh

"Chuaidh sé righthe liom é a iomchur" = chuaidh sé cruadh liom (ba ar a chruadhchúis dom, ba ar ín ar éigin etc) é a iomchur.

"D'iomchruigheadh na mná céad meadhchan as Gaillimh ar a ndruím roimhe seo."

"Shílfeá gur bró-mhuilinn a bhí sé a' iomchur leis an saothar a bhí ann" (air) = ní raibh puth dhá anáil aige, leis an ualach.

(b) Iomchur — beagán sníomha sa gcéill.

"Ní raibh aon-phighinn airgid ar iomchur agam, agus ní raibh a leithide de náire ariamh cheana orm" = ní raibh aon-airgead in mo chuid éadaigh, ná agam, ar ala na h-uaire, agus chuir sin an-náire orm.

"Dhá n-eirigheadh leis airgead a bheith ar iomchur aige; ní mbadh leis fhéin é" = dhá dtárluigheadh go mbeadh airgead aige, bainfí dhe é, nó ghoidfidhe uaidh é.

"An uair a bhíodh na rubálaidhthe inGleann Ghuirtín an Airgid, ba truagh do'n té a mbeadh airgead ar iomchur aige 'gail (ag dul) go dtí Aonach an Ghearráin Bháin."

["Aonach an Ghearráin Bháin" = "Aonach an Chnuic" = aonach Dhroichead an Chláirín nó Áth Cliath Mheadhraighe. Ba an-aonach bromaigh agus capall é, roimhe seo, agus theigheadh daoine ó 'chuile cheaird ann.

"Aonach an Ghearráin Bháin" a thugadh muinntear Chonamara air.

"Aonach an Chnuic" a thugas muinntear an Achréidhe fós air.

"Gleann Ghuirtín an Airgid" = log ar bhóthar an Ríogh idir Gaillimh agus Órán Mór. Is ann a mharbhuigh na dubhchrónaigh an Ceannphuirt Lughaidh Ó Dorchaigh sa mbliadhain 1920. Ba mhór an áit gaduidhthe agus rubálaidhthe é roimhe seo, agus chuireadh na daoine a gcuid airgid síos ina stocaí nó d'fhuaghaidís ón a gcuid éadaigh é, ar fhaitchíos rubála a' dul ar "an nGearrán Bán"]

"Ab in é a bhfuil d'airgead ar iomchur agad."

"Is mairg dhuit a raibh pighinn ar bith ar iomchur agad."

"Faraor nar thug mé pighneachaí beaga ar iomchur liom"

"Dhá dtugainn pighneachaí beaga ar iomchur liom, ní bheinn

náirighthe i láthair na ndaoine."

"Ní raibh cianóg ar iomchur aige, agus ba mhaith an scéal do fhéin

nach raibh."

"Thug Dia dhó nach raibh aon-phighinn ar iomchur aige, nuair a h-ionnsuigheadh

é" = "D'eirigh Dia leis nach raibh aon-phighinn etc.

= "go tráthamhail ní raibh aon-phighinn ar iomchur aige."

"Bíonn a bheag nó a mhór ar iomchur aige i gcomhnuidhe

= airgead.

"'Bhfuil aon-phighinn eile ach an méid seo ar iomchur agad"

"'Bhfuil tuille airgid agad.

"Is gearr ort an méid seo mara bhfuil tuille airgid

ar iomchur agad."

"Má bhí sé ar iomchur aige, is beag duine a fuair brabach

air" = má bhí airgead aige, níor chuir sé aon-chumaoin

ar aonduine leis.

"Bhí maingín eicín ar iomchur faoi na h-ascaill aice" = cual

eicín a bhí aice faoi na h-ascaill.

"Bhí "suitcase" ar iomchur aice."

"Níl sé indon a chuid éadaighe a iomchur ní
áir(mh)ighim tada eile" = tá sé chomh claoidhte agus gur ar éigin
atá sé indon siubhal.
"Tá'n lá ro-mheirbh le bheith ag iomchur an chóta seo" = tá'n
lá ro-the leis an gcóta seo a bheith orm.
"Is maith an dícheall dom mo léine a iomchur indiu"
= is maith atá mé ag cruthachtáil agus a bheith indon mo
léine a choinneál orm tá an lá chomh meirbh sin.
"Dhá mbeadh an fiach dubh a' cur a theangadh amach
d'iomchróchadh sé an cóta mór" = dhá mbeadh an lá
an-mheirbh ar fad, bheadh an cóta mór air in a dhiaidh
sin.
"Is maith an rud do chuile duine a pheacaidhe féin a
iomchur" = ní ceart do dhuine a bheith páirteach i
bpeacadh nó in aimhleas duine eile.
"Beidh rud le deanamh aige, agus a pheacaidhe féin
a iomchur, agus gan bacadh le peacaidhe aon-duine eile."
Tá neart peacaidhe déanta aige féin, agus gan a
bheith {ro}inn-pháirteach ibpeacaidhe dhaoine eile.

Cé'n cruadhóg iomchuir atá agad air. Caith isteach sa gcárr é" = ní call duit féin é a iomchur; iomcrocha an carr é.

"Tá do cheart lé'n iomchur agadsa agus gan a dhul ag iomchur tuille."

(c) Ól a iomchur: "má ólann tú iomchrócha tú é" = beidh tú síodhamhail agus ní bhfuighe tú cead a dhul ag ughamachan scléipe.

"Má d'ól mé féin é, d'iomchuir mé é, ní hé t'fhearacht -sa é" = ní raibh mé ag glaodhmaireacht ná ag troid mar 'bhí tusa.

"Nuair a ólann(s) sé is olc uaidh 'a iomchur" = tarraingeann sé cainnt agus achrann air féin.

"Níl aon-iomchur aige ar ól" = "níl aon-acmhúinn aige tada a ól, nó tá sé in a theine bhruithte" = níl aon ac(mh)úinn óil aige = eirigheann an t-ól sa gceann air, agus bíonn sé ag troid a's a' bruighin ar an toirt.

"Tá an oiread aige (óil) anois agus atá sé indon iomchur" = "Má ólann sé tuille, beidh sé ag 'ul ingeallta."

"Gheobha sé an oiread agus atá sé indon iomchur, ach ní bhfaighe sé sileadh le na chois, marar linn an teach a bheith in a rachlas" (i dtoll in áirde, in a bhéal in áirde, bun as toll, in a bhruidhin chaorthann, in a clampar in a raic, in a 'reaintí bó léaraí' etc) = tiubarfamuid an oiread le n-ól dó, agus nach gcuirfe thar bhárr a chéile é; ní bheadh aon mhaith thairis sin a thabhairt dó, mar chuirfeadh sé an teach thrídh na chéile le achrann.

"Fág fúmsa é, agus ní bhfuighe sé ach an oiread a's tá sé indon iomchur" = ná taobhuigh thusa chor ar bith é; tabhair cead domsa an t-ól a thabhairt dó, agus ní bhfuige sé ach alúntas.

"Is beag (óil) atá sé indon iomchur chor ar bith."

"Ní comhluadar ar bith an té nach bhfuil indon braon a iomchur."

(d) Iomchur = deagh-bhéas{ach}.

"Iomchur thú fhéin anois, má tá do leas ar Dhia" = bí múinte agus ná déan aon-rud as bealach, ar mhaithe leat fhéin.

"Níl sé indon é fhéin a iomchur chor ar bith i láthair comhluadair."

"Dhá mbeadh baramhaintí do leasa fut, d'iomchróchthá tú fhéin, agus ní bheitheá ag imtheacht ag glaodhmaireacht ar fud an aonaigh" = dá ndéanta do leas, bheitheá múinte agus ní bheitheá ag imtheacht ar an gceird a bhí ort ag bollaireacht agus ag glagaireacht agus ag cothú achrainn 's chuile áit ar an aonach.

"Fuair tú amach an té a d'iomchróchadh é fhéin" = thar dhuine ar bith eile, ní raibh seans ar bith go mbeadh an duine sin múinte.

"D'imthigh (D'imir?) an diabhal ort, nach n-iomchur -aigheann thú fhéin" = tá an tubaiste ort, agus marach go bhfuil bheitheá deagh-bhéasach múinte, agus chaithfeá an ámhuilleacht agus na droch-bealaigh i gcártaí.

"Ag an diabhal go raibh tú — croisim aríst thú — agus iomchur tú fhéin!"

[croisim aríst thú! Thug an duine a labhair an duine mió-mhúinte do'n diabhal an chéad-uair, ach bhuail aithmhéala arís é, agus ba mhaith leis an ghaimh a bhaint as an eascaine. Sin é an chiall atá le "croisim arís thú"]

"Go n-iomchruighe an diabhal leis thú, ó thárla nach bhfuil aon -iomchar ort fhéin."

"Mara n-iomchruighe tú thú fhéin, is truagh [is truagh Mhuire] dhuit" = mara mbí tú múinte, íocfa tú ann [truagh: sa bhfocal seo agus i "dtruagh Mhuire" deirtear trua, ach i gciallannaí eile de'n fhocal "truagh" truaighe adeirtear i gcomhnuidhe]

"Iomchur tú féin, a dhiabhail álainn!"

"Mura n-iomcruighe thú tú fhéin, bainfe mé an t-anam asad!"

"Má's in é an bealach a n-iomchruigheann sé é féin i gcomhnuidhe, is fiú do'n mháthair a thóig é, a bheith bródamhail as."

"Ní iomcrócha sé é fhéin go bráth, ach ar an gcuma sin."

"Is maith an aghaidh meas' é go deimhin, agus an chaoi ar
iomchuir sé é fhéin."
"Sé'n cás céadna a bheith leis nó leigint dó, mara
a chéile a iomchróchas an t-ógánach sin é féin i gcomhnuidhe"
= 'sé'n chás amháin chomhairle a chuir air, nó gan a chur
ní athrócha sé béasa go deo. [ógánach: ní cialluigheann
an focal seo scurach óg sa gcainnt i gcomhnuidhe.
Fearacht mar atá sa leagan réamh-ráidhte, bíonn
aithis i gceist. Tiubharfai "ógánach" dhá réir sin ar
shean-dhuine, ar asal, nó ar bheithidheach ar bith
nach dtaithneochadh leat]
"Is mór is fiú duine a iomchróchas é fhéin, a's nach
mbeidh ag ughamachan i scléipe is 'chuile
áit dhá dtiocfa sé."

Iomchur = le h-aghaidh clainne; i riocht clainne; trom-
torrach.
"Bhí sí naoi mí ag iomchur leinbh"
"Tá sí ag iomchur"
"An n-aithne(ochth)á uirre go bhfuil sí ag iomchur."
"D'iomchuir sí dháréag clainne, agus ní donaide sin indiu
í. 'Sí atá luath láidir."
"Ní túisce duine di aice, ná í ag iomchur duine eile."
"Tá sí ag iomchur laoigh" (bó) = tá an bhó — ionnlaoigh.
"Bhí sí ag iomchur laoigh agus í ionann's leath-aimsire,
nuair a baineadh laoigh aisti."
"Bhí an capall ag iomchur searraigh i gcaitheamh
ráithe, ach baineadh aisti é."

(e) Iomchur (maidir le báid)

"Tá'n bád ag iomchur seoil" = tá seolta crochta aice.

"Chuaidh gleoiteog na bPaidís [Paddys — abair mar an Sacs-Bhéarla é] siar trathnóna agus í ag iomchur seoil."

"Bhí sí ag iomchur eadaigh" = bád ag iomchur seoil.

"Is beag éadaigh (seoil) atá sí indon iomchur indiu" = tá an lá ro-gharbh le mórán seoil a bheith crochta aice.

"Dhá bhfeictheá bád Chlainn' Dhonnchadha ag dul siar ag iomchur seoil" [sliocht as amhrán]

"Chonnaic mé, chonnaic mé, chonnaic mé, iongantas mór.
Ceann gainimh' dul tharm a's é ag iomchur seoil."
[sliocht as an amhrán bréagach]

"Chuir sé an oiread seoil uirre agus a bhí sí indon iomchur" = bád.

Iubhar = cineál crainn.

"Domhnach an Iubhair" = an Domhnach roimh Dhomhnach Cásca. Roinneann an sagart an t-iubhar ar na bpobal an lá sin.
"Nuair a thiocfas an t-iubhar roimh an eadartha(?), deireadh na sean-daoine gur ghearr uainn cogadh" = nuair a thiocfas Domhnach an Iubhair roimh lá fhéile Pádraig, ba tuar cogaidh é.
[eadartha — ádartha?]

Ioscaid (Ioscaidín) = (a) cúl na coise ag cnapán na glúnach.

"Bhí m'ioscadaí ag tabhairt uatha le lagar ocrais" = is ar éigin a bhí sé in don siubhal.
"Tá m'ioscadaí támáilte" = níl siad so-lúbtha; ní fhéadaim iad a fheacadh
"Tá sí támáilte as na h-ioscadaí" = capall nach mbeadh a cuid cos so-ghluaiste.
"Tá mé buailte suas ar fad is na h-ioscadaí" = níl cor ná car ionntu; cineál scoilteachaí

Ioscaid (ioscaidín) = (b) deifir a dhéanamh — (le sin a chuir i gceist)
"Cuir bealadh faoi t'ioscadaí" = "déan deifir", "déan deabhadh, brosnaigh "Bí bruideamhail."
"Má's leat breith ar an mbus, ní mór dhuit bealadh a chuir faoi t'ioscadaí" = ní mór dhuit deifir a dhéanamh etc.
"Tá a cuid ioscadaí bealuighthe go maith aice siúd agus an luadar a bhí fúithe" = tá sí indon deifre a dheanamh (tá siubhal maith aice) agus an t-imtheacht a bhí fúithe.
"Mara gcuire tú bealadh faoi t-iosgadaí, beidh an fheamuinn ar fad tóigthe rómhat."
"A iosgadaí roighne!" = déarfaí é le duine roighin tám-leisg-eamhail sa siubhal.

(c) Iosgaid Chruadh = ainm duine i sean-scéal. Bhí na h-ioscadaí an-chruadh aige.

(d) Ioscaidín = beagáinín; gráinnín beag, alúntas beag.
"Níor chuir sí ar an "te-pot" ach ioscaidín té" = níor chuir sí air ach gráinnín an-bheag.
"Gabh amach agus fagh ioscaidín tae dhom in áit eicín" = fagh gráinnín tae ar iasacht.
"Is beag an ioscaidín a dhéanfas thú."

Isteach (istigh):

"Tá sé ag teacht isteach (sa teach)." "Tá sé istigh (sa teach) faoi seo."
"Tá sé isteach agus amach arís" = duine a bhí buailte suas, agus tá sé anois ag corruighe amach arís.
"Níl isteach ná amach ionnam, hébrí (pé'r bith) céard tá orm" = "Níl mé indon a dhul isteach ná amach" = "tá mé buailte suas"
"Níl isteach ná amach ionnam ag na scoilteachaí" = tá mé buailte suas ag na scoilteachaí.
"Is gearr a bheidheas mé indon a dhul isteach ná amach má mhaireann dom" = "is gearr a bheidheas mé indon corruighe amach as an teach, má chothuigheann an galra, an tinneas seo etc mé."
"Níl cead isteach ná amach ag an gcailín ata aca(b)" = níl cead a coise aice; táthar déan (dian) uirre; caitheann sí fanacht istigh.
"Bíonn sé isteach 's amach againn go minic" = "bíonn sé ar a chuairt againn go minic"; "is minic a bhíonn sé ag cuartaidheacht againn.
"Is beag 'steach ná 'mach a rinne sé annseo, le fada" = corr-uair a thagann sé a' cuartaidheacht chugainn
"Níl muid ag iarraidh a chuid 'steach ná 'mach" = "b'fhearr linn uainn é.
"Rinne muid gno(ithe) maith, nuair nach mbíodh sé 'steach ná amach chor ar bith againn."
"Ní mórán 'steach ná 'mach a rinne mise tigh na gCeallach le blianta (le na cianta)" = "is annamh a thaobhuighim tigh Mhuinntir' Cheallaigh"
Máire: "Cé'n chaoi' bhfuil tú"
Cáit: Bím isteach 's amach; 'sa crochadóireacht liom"
"Ní fhéadfa mise a bheith istigh 's amuigh" = "Ní fhéadfa mé freastal do'n obair istigh agus don obair amuigh" = ní fhéadfa mé obair an tighe agus obair na talmhan a dhéanamh.
"Is maith an rud (dh)uitse an obair istigh. Fág an obair amuigh (an áit amuigh) faoi na fir" = "tá do cheart le deanamh agadsa agus obair an tigh a dhéanamh. Déanadh na fir an talmhaidheacht."
"Is meathta an obair istigh ná'n obair amuigh" = is roighne agus is goilleamhnaighe le déanamh obair an tighe, ná obair na talmhan.
Seán: "Bhrisfeadh an áit istigh do chroidhe
Tomás: Is maith an chiall agamsa é, a chaithfeas freastal do'n áit amuigh freisin" = ciapfadh obair tighe duine

adeir Seán, ach dubhairt Tomás go raibh ar
fhéin obair na talmhan a dhéanamh idteannta
obair an tighe.
"Níl aon duine indon freastal do'n áit istigh ach na
mná"
"Is maith an dicheall dhom freastal do'n áit istigh."
"Bímse amuigh 's istigh" = déanaim obair sa teach agus ar a'
talamh.
"Ní sheasfa an áit istigh dhuit igcomhnuidhe" = dubhradh le
duine a chaitheadh cuid mhaith dá chuid aimsire sa
teach in a leaduidhe na luaithe. = ní bhfuighe tú
biadh istigh igcomhnuidhe; caithfe tú a dhul agus é a shaothrú.
"Is mór an saothruidhe istigh í" = tá sí in a h-oibridhe mhaith
faoi'n teach.
"Tá sé ag cothú na h-áite 'stigh go maith" = "Fanann sé istigh
d'fheacht agus go h-áithrid."
"Leig mé an lá tharm istigh" = chaith mé an lá sa teach.
"Istigh a chaitheann sé leath a shaoghail."
"Tá beith eicínt air, nach féidir leis an áit istigh a fhágail beag
ná mór" = tá teir nó gus, nó slám nó míádh air,
nach bhféadann sé a dhul amach.
"Is gearr go mbí an sagart istigh (sa teach) in mo mhullach" =
"is gearr go dteaga sé isteach orm."
"Tháinic sé isteach orm agus mé ag ithe ceaille, agus ní raibh an
oiread náire ariamh orm" = níor thaithnigh leis
go bhfeicfí ag ithe ceaille [ceaille = fataí bruighte
brúighte, agus oinniúin, im, leamhnacht agus rl. thríotha]
é, agus tháinic fear eicín a raibh cás aige ann isteach
faoi'n teach, agus é in éadan an cheaille.
"Má thagann sé siúd isteach oraibh agus sibh ar an gceird
sin, ní chomhnó(cha) sé go gcuire sé a gcáil faoi'n
tír" = má thagann sé isteach sa teach, agus sibh ag
plé leis an obair sin, cuirfe sé cáil na h-oibre
sin amach oraí(bh) is 'chuile áit.
"Bhí an lá geal isteach orainn" = bhí sé in a lá. Thugadar sin
faoi deara agus iad istigh.

"Nar bheag an dochar daoibh náire a bheith oraí(b) dá
dteagadh aon-duine 'steach oraí(b) agus sibh ag sglamhthairt
mar sin."
"Ar tháinic sí isteach ort?" = ceist le fhaghail amach
a dtáinic bean áithrid isteach, chomh uain's bhí an
bhean eile ag deanamh rud eicínt, nár mhaith léithi
a leigean amach le na daoine
"Nach ort atá an coimhthigheas (deirtear [caoi-fhios])
nach mbuailfeadh isteach" = nach thú a airigheas cuthal nó
cuideáin ionnad fhéin, nach dtiocfadh isteach.
"Ní leigfeadh an choimhthigheas [an cuthaileacht
an faitchíos etc.] dhom bualadh (drannadh,
dhul, etc.) isteach."
"Tháinic sí isteach idir chlár agus chuinneog" = tháinic sí isteach
an dorus, —
"Bhuail sé isteach idir chlár agus chuinneog
"Seo isteach é idir chlár agus chuinneog
Chugainn isteach é idir chlár agus chuinneog
(féach clár)
Pádraic: "A Sheáin a mbeidh tú istigh ambáireach. Teastuigheann
tosach ó mo bhróig.
Seán: Má's istigh nó 'mu(igh) mé déanfa mé an méid sin"
"Níor fhága an fear céadna aon-duine istigh ariamh" =
níor thug sé lóistín na h-oidhche, do bhacach, do bhochtán
ná do dhuine a bheadh in a chall.
"Tá teas an aithinne in a thóin. Ní túisce istigh ná
amuigh é" = tá sé an-luaithneach ar fad.
"Dubhairt an fear istigh leis an bhfear amuigh, imtheacht
go beo ó'n a dhorus" = d'fhuagair an fear a
bhí sa teach ar an bhfear a bhí ag an dorus, greadadh
leis go scioptha.
"Cé'r dubhairt an fear istigh (an bhean istigh)?" = cé'r
dubhairt an fear a bhí faoi chaolach an tighe.
"Fainic an fear istigh ort fhéin. Tá'n buille feill' ann"
(tá nimh craithte air etc.) = seachain a dtiubharfadh an
fear atá istigh sa teach (nó sa gcás sin, dá n-abruighthí
istigh idteach an chainnt seo, chiallóchadh sé an duine is goire
don bhalla, do'n teine etc.) droch-iarraidh dhuit, arae sé atá
deas ar na droch-iarrantaí a thabhairt uaidh

[feill' deirtear mar fie-ull. l leathan
dúbalta]
"Sé'n easóg sin istigh, an d-l is measa a chonnaic mé ariamh"
"Fan amach as an áit sin istigh." = teach, cúinne, crích
driseachaí etc.
"Níl aon-lá de'n ádh orm ó thaobhuigh mé an teach
sin istigh" = níl aon fhorfhás orm ó chuaidh mé isteach
sa teach sin; ó thug mé faoi deara dhom fhéin a dhul
isteach ann [déarfá seo agus thú le h-ais an tighe]
"Ní fhaca sé aon-lá dhá leas ariamh go dtí an lá ar phós sé
an bhean sin istigh" = rinne sé fíor-chlár a leasa an lá
ar phós sé an bhean sin istigh sa teach [déarfá é agus thú taobh
amuigh] nó sa gcúinne etc.
"Ní fhaca sé aon-lá de'n mhíádh ariamh gur phós sé an
ágóid [scubaide; bean fhágtha] sin istigh (gur thaobhuigh
sé an teach malluighthe sin istigh; gur thaobhuigh sé
an phruchóg de theach sin istigh etc)
"Mallacht Dé ar an áit sin istigh" = déarfaí le teach ósta, teach
síbín, príosún, teach ceoil etc.
"Is fada isteach a thug do chosa thú!" = níor cheart dhuit a
dhul isteach sa teach, san áit, sa ngiodán bog etc sin
[déarfaidhe le duine é a rachadh in áit nó idteach narbh
é a leas a dhul ann; nó le capall nó beithidheach a
rachadh in áit a rachaidís dhá mbáthadh, nó in ascar
nó narbh fhéidir iad a shroicheachtáil]
"Is maith fada isteach a chuir tú do lámh ann, ach an oiread le
rud" = duine a chuirfeadh a lámh in áit nach bhféadfadh
sé í a tharraingt as, agus bheadh duine eile ag tabhairt
milleáin dó gur chuir sé chomh fada sin isteach í.
"Is maith fada isteach ar do mhéir atá sé" (fáinne)
"Is maith fada isteach a choinnigh sé ar leath-taobh
an bhóthair.
"Is beag a theigheann(s) isteach aige anois" (siopadóir) = is
rí-chorr chuisliméara a thaobhuigheann(s) é" = is
beag trácht' atá sé a fhághail.
"Ní racha mé isteach aríst (ch)uige le mo bheo ná mo
mharbh, le congnamh Dé" = isteach go dtí siopadóir
le earraidhthe a cheannacht uaidh.
"Tá na daoine uilig u' fanacht amach uaidh anois.
Duine sa gcéad a theighea(nn)s isteach aige" = siopadóir

"Ná taobhuigh isteach an teach sin, nó bfhéidir gurab í an aicíd
a thiubhrá in do chrioslaigh leat." = "ná teirigh isteach ann nó b'fhéidir
go dtóigfeá an droch-thinneas atá ann" [aicíd = "droch"-tinneas
fearacht fiabhrais, nó an galra breac agus rl.]
"An taobh istigh de'n teach" = an drom-chlár ó fhoth go
fraigh agus as sin go maide mullaigh idteannta an urláir.
"Tá scair eangaighe crochta ar an taobh istigh de'n teach ann"
= tá giota eangaighe crochta as na fraightheacha nó as an
mboimbéal nó ar an mballa.
"Tá'n taobh istigh de'n teach uilig faoi fhréileachas."
= tá na ballaí agus an ceann tais, nó ag déanamh uisce
["taobh amuigh an tighe" = drom-chlár na
mballaí, na mbinn agus an chinn.
"Tá taobh amuigh an tighthe i léig ar fad."
"Is fearr an teach as an taobh amuigh ná as an taobh
istigh" = is fearr an chaoi atá amuigh ná istigh air]
"Ní bhfaghainn ó mo chlaonta a dhul isteach ann, mar
tá cut crochta romham ann." = ní bhfuighinn ionam
féin a dhul isteach, mar tá'n chloch sa muinchille ag
muinntir an tighe dhom [tá rud eicín ann i m'aghaidh]
[cut crochta — féach crochta]
"'Bhfuil mórán feamuinne istigh?" = 'bhfuil a' rath
feamuinne sa snáth-mhara le cladach, le duirling
nó le tír.
"Is beag fheamuinn a tháinic isteach chor ar bith imbliadhna"
"Tá rón istigh sa gcladach."
"Bhí an luing [seo adeirtear i gcomhnuidhe i leabaidh long]
istigh le cloich" = ní raibh sí i bhfad amach ó'n talamh;
ní raibh sí ach ar bhruach na gclochar sa gcladach.
"Nach fada isteach an bád" = gar do'n chladach.
"Bhí sí gar isteach do chladach"
"Bhí sí buailte istigh ar an gcladach" (an luing, bád, míol
mór etc) = le h-ais an chladaigh.
"Bhí mé buailte istigh ar an gclaidhe" = le h-ais an chladaigh
[buailte istigh ar an mballa, etc]
"Tá sí tornáil isteach" = bád.

"Bhí an luing a' doirtim (druidim?) isteach, ariamh, ariamh
gur bhuail sí cloch" [clo adeirtear i gcomhnuidhe san
leagan seo, agus in a mhacsamhail a mbíonn an chuid sin
de'n chladach igceist] = bhí sí ag teannadh isteach gur
tháinic sí ar an gcuid sin de'n chladach atá faoi
chlocha, agus b'éigin di fanacht annsin, mar ní raibh
a dhul as aice, de barr tanuidheachain.
"Tá'n bád isteach go maith faoi chladach"
Tá'n bhó isteach go maith sa ngarraidhe = tamall ó'n áit.
"Tá Port Omna fada go maith isteach sa tír."
"Chuir sé isteach sa mbeo ionnam é" = sa bpáirt
de'n fheoil a ngortóchadh sé mé.
"Chuaidh an tairnge isteach go cnáimh ionnam"
(isteach go feirc, go smior, go leathar etc)
"Fritheadh ruainnín de'n tsnáthaid istigh le cnáimh"
"Ní leigfeadh sé isteach in a chloigeann beag ná mór
é" = ní thillfeadh sé in a cheann chor ar bith.
"Bhí an madar-uisce istigh le bruach"
"Bhí an madar-uisce istigh faoin mbruach."
"Bhí an gamhain sactha i lúibinn istigh le claidhe" = bhí cruit
air i gcúinne chois an chlaidhe.
"Coinnigh istigh le balla"
"Teirigh isteach abhaile" = isteach in do theach fhéin
"Is fada aréir, a thighearna, go dtáinic sé isteach abhaile"
"Cé'n mhaith a bheith ag iarraidh maitheasa ar fhear nach
dtiocfa isteach abhaile go mbí an oidhche caithte thar
druím" = "ní gar a bheith ag tnuthán go ndéanfa
duine nach dtiocfa abhaile go dtí deireadh (deireamh
adeirtear annseo ingioll ar ghuth a bheith idtús an
chéad fhocail eile: féach talamh íochtair) oidhche.
"Isteach leat abhaile!" = teirigh isteach abhaile.
"'Steacaighidh libh" = teigidh isteach.
"'Steacaighidh [séimhiú amannta ar an g agus amannta nach
mbíonn. Go h-iondamhail bíonn séimhiú i gCois-Fhairrge
agus a mhalrait sin in Iarthair Chonamara] líb
[líb — Cois Fhairrge — lib = Iarthair Chonamara, ach nach

leantar an nós ro-dhlúth. Ní bhíonn an
b séimhighthe in aon-áit] agus ná deallruighidh sibh fhéin
annsin imbéal na doininne (imbéal na báistighe, na gaoithe
etc.) = tagaidh isteach sa teach (sa scioból, sa teálta)
agus ná cailligidh sibh fhéin leis an bhfuacht annsin
ar cheart-aghaidh na gaoithe.
"Ní leigfeadh sé isteach in a chloigeann chor ar bith é" (scéal
ráfla, luaidreán) = ní chreidfeadh sé é
"'Sé'n chaoi a bhfuil sé aige sin: "istigh sa ló agus amuigh 'san
oidhche" = bíonn sé amuigh, nuair nach ceart dó a bheith
amuigh agus istigh nuair nach ceart dó a bheith istigh.
"Bí istigh chomh maith le duine" = déarfaidhe le duine
é ag dorus tighe "ceoil", a mbeadh thob ann agus thob as
aige faoi dhul isteach.
"Casadh isteach idteach aréir mé, agus níor shlachtmhar
an cómhradh a bhí ann.
"'Sé Dia a chas isteach tú" = is tráthamhail a
tháinic tú isteach sa teach.
"Tháinic sé isteach ar uair na h-athcuinge" = casadh
isteach ar uair na h-athchuinge é" = tháinic sé
isteach go tráthamhail nuair a bhíothas ag cainnt faoi,
nó nuair a bhíothas ag tnuthán le'na theacht.
"Céard a chas isteach chomh deireannach seo thú" = céard a
sheol chugainn tú an tráth seo d'oidhche.
"Cé'n mheanmna a chas isteach í" = céard a chuir faoi
ndeara dhi a theacht chugainn
"D'imthigh sé isteach Gaillimh ar maidin go moch."
"Tá siad i gcomhnuidhe isteach 's amach in a n-amhuis
ag líonadh a mbuilg" = bíonn siad istigh ag ithe i
gcomhnuidhe.
"Chuaidh sé isteach go dtí na corrógaí ann" = síos
ibp{or}tigh, nó i linn.
Bhí sé istigh go dtí na ascallaí (go h-ascallaí) ann" = thíos
go h-ascallaí.
"Bhí sé isteach faoi'n dorus againn, shul dá raibh
am againn tada a chrapadh" = bhí sé istigh sa dorus,
sul a raibh ionbhadh againn, na rudaí nar mhaith linn a
'sbáint dó, a chur i leath-taobh nó de leithrigh.

"Bhí siad a' locadh caorach istigh le claidhe" = bhí siad
a' sáinniú caorach le h-ais an chlaidhe.
"Níl mórán le faghail in aisce istigh in Gaillimh."
"'Sé bhí conórach a dhul isteach annsin" [féach conórach
"Sé'n conórtas a thug isteach ann é" = "sé'n cúram
a thug isteach ann é" = [féach cúram]
"Is beag a bhéarfadh orm a dhul isteach
go dtí leic an teallaigh aige agus é 'fhiafruighe dhe"
= tá an-fhonn orm etc.
"Tháinig daoine thar baile isteach chuig an damhsa" =
daoine nach as an mbaile seo iad; daoine as bailteachaí
fharra's an baile a raibh an damhsa ann.
"Marach a raibh thar baile isteach ann, b'fhurasta
iad a chomhaire(amh)."
"Ní ceart daoine thar baile isteach a leigean
a' súdaireacht thart annseo."
"Ní leigfeadh an faitchíos d'aonduine thar baile
isteach a shrón a shéideadh ariamh ann" = "bheadh faitchíos
ar strainséaraí an áit a thaobhachtáil."
"Fear thar baile isteach é" = ní as an
mbaile seo é.
"Duine thar tír isteach é" = ní as an gceanntar nó
as an límistéar seo é."
"Níl sé tíorthamhail (tíreamhail) chor ar bith. Caithfe sé gur
thar tír isteach é" = níl sé Gaedhealach agus caithfe
sé gur as ceanntar eile é.
"Cé'n chruadhóg isteach atá ort?" = cé'n chall atá dhuit a
dhul isteach sa teach nó 'san áit sin.
"Cé'n chall isteach atá dhuit?"
"Dhá mbeadh call istigh dhuit, ní bheitheá istigh leath chomh maith."
"Ní raibh mo chloigeann istigh agam, nuair a d'ionnsuigh sí
mé" = is ar éigin a bhí mé istigh etc.
"'Tuige nach gcuireann tú do chloigeann isteach ag dul
thar an dorus" = tuige nach dteagann tú isteach ag
breathnú orainn.
"Bheadh sé náireach agam, a dhul thar an teach, gan mo
chloigeann (cheann, chos etc.) a chuir isteach"
"Níor chuir sé a chloigeann isteach annseo le guil (ag dul)
'un bliadhna" = "tá sé ionann's bliadhain ó bhí sé
annseo."

"Dheamhan a chos ná a chnámh a thaobhuigh isteach muid
le bliadhain mhóir fhada" = ní raibh sé istigh againn
(istigh sa teach againn) le tuille agus bliadhain.
"Cé tá istigh? = "cé tá istigh sa teach agaibh.
"Ní thiocfa mé isteach sa teach s'agaí(b)se níos mó."
"Níl duine ar bith istigh againne" = níl aon-duine
sa teach se'againne.
"'Bhfuil aon-duine sa seomra (siúmra adeirtear) seo 'stigh"
= sa seomra thiar; sa seomra a mbeitheá ag breathnú chuige
[ar a shon sin, ní abróchthaidhe ach go rí-annamh,"tá
sé istigh sa seomra" — "tá sé thiar sa seomra" an chainnt
ionndamhail — déarfaidhe dá mbeithidhe taobh amuigh
ar an tsráid = "tá sé istigh sa seomra"]
"Bhí mo leath istigh agus mo leath amuigh" = nuair a bheadh
duine ar thairsigh tighe nó é isteach go dtí 'na lár
in uaimh nó a samhail.
"Do leath-istigh agus do leath amuigh!" — sin é an breith
a thug an naomh Peadar ar anam bocht a bhí ar
seachrán, de réir sean-scéil.
"Má chuaidh sé siúd isteach, níl stróbh ar bith orainne" = duine
a chaith a shaoghal le dreabhlás agus le droch-shaothar, agus nach
raibh aon-cheapadh go bhfaigheadh sé na Flaithis.
"Is fada isteach i bhFlaithis Dé cheana é." = duine a bhí
ar a mhine ghéire ag déanamh lóin na bhFlaitheas. Duine
a bhí a' tabhairt a shaoghail le urnaighe agus guidhe [déarfaí
le greann go minic é]
"Dhá mbeitheá istigh i bhFlaithis Dé, bheitheá beo-phianta go
mbeitheá amuigh aríst" = déarfaidhe le duine grionglóideach
luaithneach é, nach ndéanfadh comhnuidhe aon-achar in
aon-teach.
"Tá sé istigh annsiúd ('sna Flaithis) agus coc Achrainn
curta aige ar an Naomh Peadar [féach coc] = duine a
bhí ar shlighe an fírinne.
"Ní bheidh iabh ná forus air istigh ('sna Flaithis),
má chloiseann sé go mbeidh aon-snáth feamuinn'
dearg isteach" = duine a bhíodh i gcomhnuidhe le
cladach ar thóir feamuinne, agus bhí sé básuighthe
anois. Ba mhian leis an gcainnteoir a thabhairt
i gceist as greann, go ngreamóchadh tóir na
feamuinne dó ar an saoghal eile, chomh maith leis an
saoghal seo.

"Ní chreidfinn ó'n saoghal má tá sé istigh, nach
ag saghdadh faoi Mhicilín atá sé" = má tá
a leithide seo de dhuine 'sna Flaithis, tá sé ag
séideadh faoi Mhicilín, mar bhíodh sé ar an gceird
sin d'fheacht a's go h-áithrid, chomh uain's a bhí an
bheirt beo.
"Mara bhfuil aon ionga tobac le cangailt aige, cuirfe sé
an áit istigh thrídh na chéile" = bhí an-tóir
aige a bheith a' cangailt tobaic le na beo, agus mara
bhfagha sé 'sna Flaithis é anois, cuirfe sé a bhfuil 'sna
Flaithis in árachaí 'chéile [as greann adeirtear]
"Níl mórán fonn isteach orm" = "níl é fhonn orm a
dhul isteach." (i dteach etc)
"Dhá mbeadh fonn isteach orm ghabhfainn (ghó-inn)
isteach gan iarraidh ar bith" (ní bheadh aon
chall iarratais orm)
"Thiubhradh slabhra (nó adhastar) sneachta isteach é" = ní mórán
call iarratais ná brostuighthe air le dhul isteach ann.
"Bíonn a chosa ag sciorradh uaidh ag dul isteach ann" = áit
a mbeadh an-fhonn ar dhuine a dhul ann.
"Níl aon-chall 'iarraidh air bealadh a chuir faoi'n
ioscadaí a' dhul isteach ann" (féach ioscadaí)
"Bhí sé ar adhastar aice (ar stropadh aice) ag dul
isteach" = bhí sé in a diaidh aniar, agus é umhal di.
"Nuair a bhí muid a' tarraingt isteach ar Ghaillimh
tháinic sé in a bháisti(gh)" = thosuigh sé a' báisteach
agus muid in aice na Gaillimhe.
"A' tarraingt isteach dúinn ar Árainn, shéid sé
in a ghála."
"Bíonn sé isteach 's amach Gaillimh i gcomhnuidhe = síorruidhe 'dul go
Gaillimh
"Tá sé a' briseadh isteach ar mo chuid-se"
= tá sé ag leagan na gclaidhtheacha agus na bhfál,
agus a' cur a chuid beithidheach ar mo chuid-se talmhan.
"Bhí sé a' brughadh isteach ar mo chuid-se" (móin,
feamuinn nó eile) = ' teacht gan "aireachtáil" agus
dhá h-árdú leis; a' déanamh a chuid féin dhe, gan
aon chead uaimse, cé go ndéanfadh sé é as comhair
mo dhá shúl (ní goid é)
"Mara bhfuil sib indon a gceart a choinneál sa
gcladach, brúghfa sí siúd isteach orraí(b)."
"Ná tugaighidh cead dóibh brúghadh isteach oraí(bh)."
"Mise imbannaí, nach mbrúghfa sé isteach ar chuid

duine ar bith eile, ach ar a gcuid se'agaí(bh) se,
mar airigheann sé go dona sib" = níl sibh indon
a gceart a choinneál, agus é a ruaigeadh, agus dhá
bh(r)ithin sin, tá sé a' glacadh binne ar 'ur gcuid
feamuinne nó eile.
"Nach bocht nach mbrughfadh sé isteach oraí(bh) agus sib a'
tabhairt a chead dó."
"Sin í an cheird a bhí air sin chuile lá ariamh, ní dhá
roinnt leis é, a' brúghadh isteach ar chuid na
comharsan" [féach "ceird", agus "roinnt"]
"Bhí suaimhneas againn, an fhad's d'fhan sí uainn, ach tá
sí brughadh isteach arís" = ní bhíodh achrann ná troid
ann an fhad's nar thaobhuigh sí muid, ach tá sí ag
brughadh orainn arís agus a' stocaireacht (ag teacht
isteach sa teach, agus a' déanamh mórtais linn, agus ag
iarraidh agus a' glacadh a bhfuighe sí)
"Tá sí sin chomh spleádhach, agus má leigeann
tú di brughadh isteach chor ar bith, gur gearr go
mbí an teach fúithe féin aice" = tá sí
subháilceach laetheamhail mar dhóigh dhe, agus má
fhaghann sí cead a cinn a theacht isteach, is gearr
gur léithe fhéin an teach.
"Gheobhfá ceird ní ba shamhaoinighe, ná a bheith ag
iarraidh brúghadh isteach orra(b) siúd" = gheobhfá obair
a mbeadh luach-saothair ní b'fhearr dhá barr, ná
'dhul i gcleitheamhnas le brabach a fhághail ar na
daoine údan = "tá na daoine údan cruadh,
coinneálach, agus is beag an bhrabach atá orra(b)"
"Ní mór dhuit an tseamair Mhuire, má's leat a dhul
a' brughadh isteach orra(b) siúd" = caithfe tú buadh ar
leith a bheith agad le brabach ar bith a fhaghail
orra.
"Ní dhearna mise aon-chuir isteach ariamh air" = nior chuir mé
araoid ar bith air ariamh.
"Ná déan cuir-isteach ar bith orra(b)" = "ná cuir (ch)ucu(b) ná
uatha(b)"

"Ná déan aon-chuir isteach beag ná mór air. Siúd é 'ná
bain liom'" = ná cuir araoid ar bith air, mar sé
ubhall na h-aithne é. = is contabhairteach an
rud aon-araoid a chuir air.
[Ní cloistear an rud atá 'a teacht an-choitciannta
sa nGaedhilge le goirid "chuir sé isteach air", "tá sé
ag cur isteach air" etc. in Gaillimh, ach ar an
mbealach seo réamhráidhte]
"Cé'n chall a bhí dhuit aon-chuir isteach a dhéanamh air"
"An té a dhéanfas aon-chuir isteach air
siúd, is maith nach mór dó a bheith san áirdeall."
"A' rug tú istigh air" = a' raibh sé sa teach romhat, nuair
a chuaidh tú dhá thóruigheacht.
"Is deacair breith istigh air."
"B'fhéidir dhá dteightheá ann ar maidin go mbéarfá istigh
air."
"Níl uair ar bith is fhearr a mbéarfá istigh air ná taca
an dó dhéag."
"Má's leat breith istigh air, teirigh chuige árd-trathnóna."
"Leig isteach an lá" = tarraing an bhrat do'n fhuinneoig
i riocht's go dtiocfa solus an lae nó na gréine
isteach chugainn.
"Eirigh agus leig isteach an lá."
"Tá tagtha faoi'n bplúr sin, mar tá sé istigh le fada."
= "tá'n plúr sin a' lobhadh, faoi'n fhad's tá sé istigh"
(sa teach — ceannuighthe)
"Is gearr istigh an fheoil sin chor ar bith, agus tá sí ag
ionntú cheana, mar sin féin."
"Ná fág mórán achair istigh í, gan í a chuir igcaitheamh"
= ná fág mórán achair sa teach i, go n-ithe tú
í.
"Cá'ide istigh an siúcra seo?"
"Is fliche [flithí adeirtear] amuigh ná istigh é" = droch-oidhche
bháistighe a raibh daoine ar bhainis, agus gan a rath óil uirre.
[Déarfaí freisin é nuair a bheadh cheal óil ar dhuine, agus é
a' báisteach]

"Bhí leath-chos amuigh agus leath-chos istigh aige" déarfaidhe le duine a bheadh a' braithteoireacht nó idir dhá chomhairle faoi dhul amach in áit eicínt nó obair eicínt a dheanamh.

"Beir isteach air a leasca (a chladhaire, a chailleach)" = seo é an rud adéarfadh duine a bheadh a 'saghdadh duine eile le dhul a' carruidheacht.

["breith isteach" = do dhá láimh a chur siar thíos faoi phuill ascallaí do chéile carruidheachta agus snaidhm a chuir ar a dhruim. Ach cialluigheann sé go minic breith íochtarach ar dhuine, cuirimigcás faoi na lár."]

"Rug sé isteach; thug sé cor-coise dhó, agus shín sé é" [féach "cor" agus "shín"

"Má bheirim isteach ort, tiubharfa mé taobh na bpoll dhuit" = cuirfe mé ar shlatrachaí do dhroma thú ar an talamh, sínfe mé thú etc.

"Má bheireann sé siúd isteach ort, is air nach mbeidh an mhoill (is beag an mhoill air, is beag an tolgán dó [nó air], is gearr air, is furasta dhó, is éasca leis, ní mórán stróbh air etc.) talamh a thabhairt dhuit."

"Níl aon-charruidhe go h-éag (go h-iomdha) ach é, má fhaghann sé greim isteach (nó má fhagann sé deis breithe isteach) ar dhuine."

"Má leigeann tú dhó breith isteach ort, tiubharfa sé talamh dhuit de do bhuidheachas"

"Ná beireadh sé isteach ort, nó leagfa sé thú" = ná tabhair deis dhó breith isteach ort nó má bheireann leagfa sé thú.

"Is maith a bheidheas tú ar do mhaidí, deirimse leat, má bheireann sé siúd isteach ort, nó tiubharfa sé tala(mh) dhuit" = is ait a chruthóchas tú má bheireann sé isteach ort, nó leagfa sé thú.

"Tháinic sé isteach fúm, agus thug sé taobh cúl mo chinn dhom ar an talamh." = tháinic sé in íochtar faoi mo lár, agus chuir sé siar mé gur leag sé mé ar mo dhruím.

"Níl aon-chinneamhaint air a' carruigheacht má fhéadann sé breith isteach ort" = níl aon-righeachan leis etc."

"Bí ar t'áirdeall féin, agus ná leig dó breith isteach

ort."

"Fainic ambéarfadh sé isteach ort, nó cinnfe

ort é a chuir dhíot."

"Ní hé an ribín réidh é siúd le breith isteach air."

= is deacair ceart a bhaint dhe; tá sé doiligh é a

leagan le breith isteach air.

"Tá sé chomh suidhte agus nar mhór dhuit breith isteach

go maith (go daingean) air le na chuir in aer" =

tá sé chomh tacamhail, chomh cuimseardha agus chomh

teann in a sheasamh, nar mhór dhuit a dhul

isteach faoi go maith le na leagan.

"Tabhair na h-ailt (dornaí) amach dó, mar má

fhaghann sé greim isteach ort, sínfe sé thú."

"Má bheireann sé isteach ort, leagfa sé ort go

bínn" = má bheireann sé isteach ort, tiubharfa sé faoi

na fabhraí go maith dhuit é (tiubharfa sé fút)

"Is cruadh an greim atá aige le breith isteach ort."

"Lámh istigh agus lámh amuigh" = leagan a bhaineas le carruidheacht

= nuair a bhíos beirt a' coruidheacht le

chéile (ach nach mbíonn siad buailte ar a chéile: bíonn

siad fad a lámh ó'n a chéile), cuireann duine acu

a chiotóg ar ghualainn dheis a chéile carruidheachta, agus

a dheasóg faoi na ghualainn chlí, agus déanann a chomh-

chéile carruidheachta an cleas céadna i riocht's nach

mbíonn brabach ag ceachtar acu ar an gceann eile;

sin lámh istigh agus lámh amuigh.

"Tiocfa mé leat má thugann tú lámh istigh agus lámh

amuigh dhom" = racha mé ag coruidheacht leat etc"

"Tabhair dhom (torm adeirtear) lámh istigh agus lámh

amuigh, agus ní bheidh aon staonadh (stánadh; chúlú, aon

loiceadh etc) agam uait." = racha mé ag carruidheacht

leat etc.

"Ní bheidh a dhath loiceadh (lá loiceadh etc) agam uait
má thugann tú lámh istigh agus lámh amuigh dhom."
"Dhá mbeadh indán's go mbadh lámh istigh agus lámh amuigh
a bheadh aca(b), déarfainn nach mbeadh ionga
ná ordlach (ourlach adeirtear) aca(b) ar a chéile"
= bheidís an-chothrom agus ar chomh-spreacadh, dhá
mbeidís ingreím in a chéile in a láimh-istigh
agus in a láimh amuigh.
"Bhí láimh istigh agus lámh amuigh aca(b) ar a
chéile" [láimh i gcomhnuidhe adeirtear is chuile áit
in Gaillimh go bhfios domsa, sa tuiseal
ainmneach. Is amhla le cois, gruaig, bois, etc
é, cé go gcasfaidhe cás ar leithrigh leat
amanntaí i.e. buail bos air]
"Bhí siad ingreim láimh' istigh agus láimh' amuigh ar
a chéile."
"Thug sé láimh istigh agus l. a. dhó."
"Tá sé thar cíonn (toghtha, thar barr, go maith etc.)
le láimh i. agus l. a." = go h-an-mhaith.
"Níl a shárú ann le l. i. agus l. a."
"Leagfadh sé Goll (Gabhal adeirtear) Mac Móirne le
láimh istigh agus láimh amuigh"
"Má fhaghann sé l. i. agus l. a. ort, ní thiocfa tú
as a chrúba (ar a chrúcaí) go réidh."
"Má fhaghann sé lámh i. agus l. a. ort fáiscfe
sé ort, agus 'sé 'tá deas air"
"Is ait a' caruidhe é le l. is. agus l. a." =
tá sé go maith a' carruidheacht, má fhaghann
sé an greim sin.
"Dhá láimh istigh" = leagan carruidheachta = nuair
a bhíos beirt a' carruidheacht, (ach iad
a bheith amach go maith ó chéile,), agus má thugann
duine acu cead dá chéile carruidheacta a dhá
láimh a leigean i bhfastódh in a thaobh faoi na
ascallaí agus a dhá láimh fhéin a bheith ar shlinneáin

nó ar ghuaillí a chomh-chéile, sin dhá láimh
istigh ag an gcéad duine.
"Ní comórtas (comártas adeirtear) ar bith muid,
mara dtuga tú dhá láimh istigh dhom" (dhá láimh
amuigh a bheadh ag a chéile annsin) = ní h-ionann
muid nó tá buntáiste agadsa ormsa, nó is
truime, is sine, nó is láidre thú ná mise, agus
dhá bh(r)íthin sin, ba ceart duit dhá láimh istigh
a thabhairt dom.
"Baol beag orm go deimhin dhá láimh istigh a thabhairt
duit. Nach sine tú fhéin ná mise."
"Cuirfe mé geall (cuirfe mé mo rogha geall; racha mé
faoi dhuit) go leagfa mé (sínfe mé, tiubharfa mé
talamh etc.) dhuit má thugann tú dhá láimh istigh
dhom."
"Sé'n rud is lugha dhuit, dhá láimh istigh a thabhairt
(dh)om a ghiolla mhóir." = tá tú mór láidir tharmsa
agus ní chuirfe sé aon-cheo as duit buntáiste
carruidheachta a thabhairt dom.
"Má thugaim dhá láimh istigh dhuit, ní bheidh buntáiste a'
bith agam thart" = beidh muid cothrom, má thugaim
dhá láimh istigh duit.
"Ní bheadh ionga ná ordlach aca(b) ar a chéile dhá
mbadh dhá láimh istigh a bheadh aca(b)" [féach thuas]
"Is danardha an d-l é, le dhá láimh istigh a fhaghail
ort" = tá sé cruaidh, fáiscthe, agus greim docht
daingean aige, má fhaghann sé dhá láimh istigh.
"Dhá bhfaghadh sé dhá láimh istigh air, chuirfeadh sé
a chaoi féin air" = leagfadh sé (dhéanfadh sé a rogha rud
leis) é etc.
"Is mairg a thiubharfadh dhá láimh istigh dhuit, agus chomh deacair
(a dheacra) agus atá sé thú a leagan le láimh istigh agus láimh
amuigh fhéin."
"Aon-fhear dá bhfaighe (dhá bhfágha freisin) an t-Árannach
dhá láimh istigh air, is fear anuas é." (nó is fear thíos é)
= leagfadh Árannach fear ar bith, ach greim dhá lámh istigh
a fhaghail air.
"Bhí siad ingreim dhá láimh istigh ar a chéile, agus gan bárr

ag ceachtar aca(b) ar an gceann eile."

"Is cleasach an greím é dhá láimh istigh" = is furasta

duine a leagan leis.

"Is diabhaltaidhe (is ait, is dalba, is danardha, is toghtha etc) uaidh

carruidheacht a dhéanamh le dhá láimh istigh."

"Thug mé dhá láimh istigh dhó, agus shíl mé go ndéanfadh sé

léitheachaí de mo thaobhanna, d'fháisc sé chomh mór

sin iad."

"Teirigh istigh faoi" = "beir isteach air"

"Isteach leat faoi, agus ná bíodh faitchíos ar bith ort roimhe."

"Leig sé é féin isteach orm" = duine a leigfeadh a cholainn

anuas marbh ort, ' riocht a's go mbeadh liosta air, agus go

gcaithfeá-sa a mheadhchan fhuilingt.

"Ná bí de do leigean-fhéin isteach ormsa. Níor ith mise

aon-cheo de do bhéile" (de do bhricfasta, de do dhinnéar etc)

"Bhí a h-ucht leigthe isteach air."

"Bhí sé leigthe isteach uilig ar an mballa" = bhí sé

caithte marbh in aghaidh an bhalla.

"Leig sé a ucht isteach ar an gclaidhe, agus chuir sé caidéis

ar an bhfear istigh" (an fear a bhí sa ngort)

"Bhí sé leigthe isteach ar an ngeata."

"Ná bí do do leigint fhéin isteach chomh mór sin ormsa."

"Tá dronn isteach ar an mballa" = tá slis isteach,

ar fiar air [dronn = corr = rud a bheith crotach =

drúnn adeirtear faoi Chois Fhairrge agus Conamara siar, ach

dronn ar an Achréidh]

"Tá gob isteach ar an gcloi(ch)" = tá spuaic di ag

síneadh isteach.

"Tá barr isteach ar an tairnge, agus lotfa sé mo chois"

"Bíonn cruach choirce a' feithiú isteach as a barr."

"Tabhair isteach í feasta" = déarfaidhe le duine a

bheadh ag déanamh cruaiche choirce, coca féir, nó

cruach mhóna nó eile, agus a bheadh dhá déanamh ro-

dhíreach, agus gan é dhá tabhairt le chéile chor ar bith.

"Níl tú dhá thabhairt isteach sáthach maith" = níl tú

dá biorrú (cruach coirce etc)

"Tá sí tugtha isteach ro-mhór anois agad" = tá sí ro-biorruighthe (cruach choirce etc).

"Tá sí ro-thugtha isteach agad, mar tá cion deich stuca le dhul uirre fós" (cruach choirce).

"Tabhair isteach í i leaba a chéile anois." = biorruigh í, de réir a chéile anois.

"Tá sé 'teacht isteach as a bharr = (cnoc, clogás teampuill etc) = tá sé géar nó biorach in a bhárr.

"Ní cheapfá dhó go raibh sé teacht isteach chomh mór sin, go mbeitheá le'n ais."

"Chuir sé isteach an dorus" = bhrúigh sé, phléasc sé nó bhris sé isteach é.

"Chuir sé an dorus isteach" = bhris sé nó phléasc sé nó bhrúigh sé isteach é.

"Chuir sé an dorus isteach dhe" = chuaidh sé isteach an dorus.

"Chuir sé Gaillimh isteach dhe, moch go leor ar maidin" = chuaidh sé go Gaillimh.

"Chuir sé an claidhe isteach" = leag sé an claidhe isteach sa ngort nó sa bpáirc.

"Chuir sé Seán isteach dhe" = bhrúgh sé Seán isteach nó thairis.

"Chuir an ghaoth an dorus isteach" = réab sí é isteach sa teach.

"Mara bhfuil ag Dia (ach grásta Dé), cuirfe an ghaoth seo (an gála seo, an stoirm seo, an chaor-theinte seo, an fheoithin seo etc) an teach isteach" = leagfa sí an teach.

"Fhobair do'n ghála an teach a chuir isteach in mo mhullach."

"Tá ceann an tighe lioctha isteach de bharr na h-oidhche = tá pluic isteach ar cheann an tighe de bharr stoirme na h-oidhche.

"Chuir an téinntreach brúisc de'n bhalla isteach"

"Teann isteach leis" (biadh nó bord bídh)

"Tá gliúrach (gleorach) mhaith leagtha isteach aige" = tá cuid mhaith ithte aige (féach "ithte")

"Bhí cuid maith óil leagtha isteach aige" = bhí cuid mhaith ólta aige.

"Leag sé cuid mhaith isteach agus an t-achar a bhí sé ag ithe.

"'Sé leagfadh isteach an t-arán."

"Leag isteach anois a bhféadfa tú, mar b'fhéidir, gur fada arís go bhfaightheá é."

'Sé tá deas ar é ' leagan isteach." = 'sé atá indon leagan ar an mbéile.

"Bhí lán a bhuilg leagtha isteach aige."

"Ní choinneochadh muileann Phalmer plúr leagtha isteach leis" = ní bheadh a dhíol plúir i muileann Phalmer.

"Leagfa mise isteach chuige anois, ach feadh mé bheith réidh" = íosfa mise gliúrach (gleorach) mhaith anois, nuair a bheidheas mé réidh le dhul ag ithe.

"Leag mé isteach (ch)uig an bhfeoil, ó b'annamh liom í a fhaghail" = corr-uair a bhfaghaim feoil, agus nuair a fuair mé í, d'ith mé go h-amplúdhach í.

"Má's arán te é, leagfa mise isteach chuige."

"Tá béilí maith istigh anois aige." = ithte

"Tá braon mhaith istigh aige = tá braon sa gcorraicín aige; tá braon ar bord aige; tá braon maith ólta

"Dhá mbeadh aon-deor istigh, is mór an t-iongnadh liom, nach a' troid a thosóchadh sé."

"Bhí maoil ar a phutóig (air a mhéadail, ar a bholg) le na raibh istigh aige = biadh nó ól.

"Tá sceibhil (scibhil) ar a bholg le gach's a bhfuil istigh aige" = [sceibhil = an bhuillsceana a chuirtear ar chruaich choirce as cionn na coise]

"Tá bleaghanach (taoscán, foracún, gleorach, tomhas, etc) istigh aige." = cuid mhaith ólta; riar mór.

"Tá bun-thaoscán maith istigh aige" = "tá roinnt mhaith óil caithte aige."

"Nuair a bhío(nn)s aon deór istigh aige, is deacair a dhul in a ghoire" (é a thaobhachtáil, drannadh leis, cur chuige ná uaidh etc.)

"'Sé ubhall na h-aithne é, nuair a bhíonns gloine
fuisce istigh aige." = tá sé an choiligneach; bíonn
ruibh; bíonn nimh craithte air, bíonn an míádh
air, nó na seacht ndiabhail déag.
"''Siúd é ná bain liom' nuair a bhíos aon-bhraon istigh
aige" [féach bain]
"Nuair a bhíos an braon istigh aige, leigeann sé amach a
chuid droch-éisc" = nuair a bhíos sé óltach, tugann
sé le teasbánadh go bhfuil droch-bhraon ann; nó
go bhfuil sé fealltanach. [féach "iasc"]
"Tiocfa tú le na bhfuil istigh agad anois" = tá do sháith
ólta (freisin ithte) agad.
"Caithfe tú theacht le na bhfuil istigh agad."
"Teara le na bhfuil istigh agad anois."
"Tá na bróga a' leigean isteach" = tá siad ag déanamh
uisce.
"Níl deor amuigh ná bhfuil leigthe isteach ag na bróga seo =
"Níl déanamh deor ionnta(b)."
"Tá an teach a' leigean isteach."
"Tá'n bád a 'leigean isteach." = ag déanamh uisce.
"Leig sé isteach an t-uisce" = cóta nó ball éadaigh ar
bith nó cábán nó a samhail.
"Ní raibh deor 'san aer, nar leig sé isteach."

Istigh = faltanas, cloch sa muinchille, olc nó droch-éisc.

"Choinnigh sé an méid sin istigh dhom go dtí lá a bháis" =
bhí an rud sin aige in m'aghaidh go bhfuair sé bás.
"Tá'n iarraidh sin istigh aige dó le fada" = duine
a thiubharfadh iarraidh do dhuine eile, agus an fonn sin a
bheith air, i bhfad shul ar thug sé an iarraidh.
"Is fada an méid sin istigh aige dhó."
"Tá'n bualadh a thug sé dhom, istigh agam dó, agus
íocfa sé fós é, má mhairimse."
"Beidh sé istigh agam (dh)ó go gcuirtear na h-ordógaí orm"
= beidh an cloch sa muinchille agam dó, go gcaillteár mé
(go ndúintear mo shúile th'éis séaluighthe).
"Tá'n chainnt sin istigh agam dó, agus ní racha sí leis

nó gheobha mise giorrachan saoghail" = tá'n cloch sa muinchille agam dó ingeall ar an gcainnt sin a chaith sé, agus mara bhfagha mise bás go goirid, ídeo mé air é.

"Nach gearr a choinnigh siad istigh dhá chéile é."

"Tá sé istigh agam dó, agus níl mé ach a' fuireacht [fuirígheacht adeir teacht i gCois-Fhairrge] le mo dheis."

"Thug mé a dhubhshlán an uair sin, agus tá sé sin istigh dhom fós aige."

"Thugadar beagán sásamh uatha(b) an uair sin, agus tá sin istigh fós dóibh" = níor thugadar mórán sásamh do'n duine nó do'n dream eile, agus ní dhearna an dream eile dearmad ar sin fós.

"Choinneochadh sé istigh an rud choidhchinn, go n-eirigheadh leis an buille feill' a thabhairt duit." = bhí sé i gcomhnuidhe san áirdeall ar a dheis, go bhfaghadh sé í le thú a bhualadh go fealltach.

Istigh = rún a choinneál; caomhamhaint rúin; guaim a chur ar do chuid cainnte.

"Is mairg dhuit nach istigh in do bholg a choinnigh é" = Faraor ghéar má d'innis tú an rún sin, nó má dubhairt tú an chainnt sin, chor ar bith.

"Níl goir aige tada a choinneál istigh nuair a bhíos aon-deor ólta (istigh) aige" = deireann sé chuile rud; scéitheann sé chuile rún.

"Coinnigh istigh é" (scéal, rún) = ná labhair air.

"Bhfuil tú indon scéal ar bith a choinneál istigh" = "'Bhfuil caomhamhaint ná fascadh ar bith ionnad" [féach "caomhamhaint", "fascadh"]

"Marach go raibh cúl do chainnte leat choinneochthá [choinn-eá adeirtear] istigh é" = "dhá mbeadh fios do labhartha agad, ní thráchtfá air beag ná mór."

"D'imthigh an diabhal ort nar choinnigh istigh é." [féach d'imthigh]

"Is mairg a innsighea(nn)s tada dhuit, mar níl tú indon tada a choinneál istigh."

Croidhe istigh: "bhí fhios ag do chroidhe istigh
nach raibh tú a' déanamh na fírinne."
"Tá fhios ag mo chroidhe istigh, nach bhfuil focal bréige
agam" = tá fios ag an lá, gurab í lom chlár na
fírinne atá sa gcainnt seo.
"Bhí fhios ag do chroidhe agus ag t'anam istigh, nach mbeadh
aon-ghoir agad an méid sin a dhéanamh
"Tá fhios ag do chroidhe istigh, nach bhfuil fear aonraic indon
freastal do chuile rud." = tá fhios agad go rí-mhaith
nach bhfuil aon-ghoir ag fear atá taobh leis féin,
chuile obair dhá dtiocfa treasna air a dhéanamh.
"Tá fhios ag do chroidhe istigh nach bhfuil pighinn ruadh agamsa."
"Tá fhios ag mo chroidhe istigh nach bhfuil fhios agam,
céard is fearr dhom a dhéanamh; go gcuire Dia ar mo
leas mé!"
[ní bhaintear aon leas as ar an mbealach seo ach le croidhe agus
anam agus fios]

Cliamhain isteach agus rl = fear a phósfadh isteach idteach an
chailín: fear a thiocfadh in a chomhnuidhe sa teach a
gcomhnuigheann an cailín nó'n bhean ann a phós sé.

"Cliamhain isteach é sa teach sin."
"Cliamhain isteach a bheidheas sé siúd a iarraidh dhá inghin
agus ní fleár (fuláir?) dhó airgead a bheith aige."
"Níor mhaith liom a bheith in mo chliamhain isteach aige" =
níor mhaith inghean a phósadh, agus comhnuidhe in aon-teach
leis (duine a mbeadh cáil an uilc amuigh air)
"Fuair sé a dhíol de chliamhain isteach" = bhí an fear a
phós a inghean sáthach saidhbhir, sáthach measamhail aige,
le dhul a' comhnuidhe in aon-theach leis.
"Beidh a sháith do'n tsaoghal ag an gcliamhain
isteach, mar tá'n t-athair luath, láidir
droch-mhúinte fós" = an fear a phósfas isteach sa
teach ann, is fear idteannta é, mar tá an
t-athair láidir agus olc fós, agus beidh sé in éadan
an chliamhain go síorruidhe.
"Bior in aon-tsúil í, agus cliamhain isteach a thiocfas
ann" = níl aon-duine cloinne sa teach ach í,
agus nuair a phósfas sí, tiocfa a fear in a chomhnuidhe
fréithi i dteach a muinntire féin.
"Chaith an cliamhain isteach an droch-cheann le na h-athair
'sa máthair" = chuir an fear a phós isteach sa teach aca
an droch-bhail ar athair agus máthair a mhná (níor
thug sé ceart ná cóir dóibh; leag sé isteach acu)

"Marach chomh soineannta agus a bhí an cliamhain isteach, is
fadó an lá a dhéanfadh sé corr do'n bhodach
is athair di."
"Níl saoghal fhata imbéal muice ag an gcliamhain isteach
idir an inghean 's a mháthair."
"Bhainfeá ceart do'n inghin, ach is olc an t-eallach
a máthair do chliamhain isteach."
"Fear ar bith a phósfas isteach sa teach údan, tá
sé ag cur a chloiginn in adhastar an anró."
"Má's cliamhain isteach anois é, is gearr gur cliamhain amach
é" = is gearr go gcaithfe athair agus máthair a mhná,
a gcliamhain amach; is gearr go dtuga siad bóthar
a's bata dhó.
"An fear a thiocfas isteach annsiúd (a phósfas isteach ann)
is 'a brughadh ar an doithcheall a bheidheas sé."
"An té a mbeidh sé de mhíádh air pósadh
isteach annsiúd, is furasta dhó a phiarfhiachaí(?)
(pioríochaí adeirtear) a chuir dhe ar an saoghal seo.
= gheobhfa sé an oiread díblighthe agus ciaptha ó'n a
bhean agus ó'n a muinntir, go mbeidh a phurgadóir-
eacht thart ar an saoghal seo.
"'s breagh áirgeamhail, éadálach an teach é ag cliamhain
isteach."
"Tá giodán deas talmhan ann, ag cliamhain isteach."

Isteach = le cois, de bhiseach, de bhronntanas, in aisce.
"Thug sí an méid sin isteach dom, nuair a cheannuigh
mé cuid na Nodlag" = thug sí an méid sin le
cois dom, nuair a cheannuigh mé earraidhthe na
Nodlag.
"Is beag a fhagha(nn)s duine isteach anois le cuid
nuaidheacht' na saoire" = is beag a thugas na
siopadóirí de bhronntanas nó in aisce, nuair
a cheannuigheas daoine earraidhthe nó tralaí na
Nodlag.

"Ní leigfe sí mórán isteach le duine" = is beag a thuga(nn)s sí le cois; is beag a thuga(nn)s sí in aisce.

"Thug sé an leath-phunt dhom, isteach le mo chion" = thug sé an leath-phunt dom le cois an méid a bhí a' teacht dom ó cheart.

"Ní thiubharfadh sí ionga ná ordlach isteach duit" = ní thiubharfadh sí oiread na frighde fhéin le cois duit.

"Chaillfí leis an gcantal í dá dtugadh sí an méid sin isteach dhom."

Tá sí chomh gortach sin, agus nach dtiubharfadh sí uisce na bhfataí isteach dhuit."

"Cheannuigh mé féin dhá phunt tae in aice a bhfuair mé isteach uaithi" = cheannuigh mé dhá phunt tae eile idteannta ar thug sí in aisce, nó de bhronntanas dom.

"Is mairg a bheadh a' súil le tada isteach ó na siopadóirí céadna."

"Aindeoin go raibh mé a' déileáil ann, ó thús bliadhna, dheamhan a shúil (a dhath, oiread na frighde, an oiread a's d'iomchurochthá ar do bhois etc) a fuair mé isteach" = bhí mé a' ceannacht mo chuid earraidhthe ann ó thosach na bliadhna, ach níor tugadh tada de bhronntanas dom.

"Bhínn isteach 's amach ann, ar feadh na bliadhna, ach bhí fhios agam go maith, nach bhfaighinn tada isteach"

Máire: Fuair tú an méid sin isteach.

Cáit: Fuair [fuir adeirtear go minic] muise! Is daor, dochar féin, ab'éigin dom íoc air.

"Marach an t-einneach (oineach) a bheith sa láimh aice, ba bheag an baoghal di an méid sin a thabhairt isteach duit" = marach í a bheith gnaoidheamhail, rabairneach, flaitheamhail ní thiubharfadh sí an méid sin in aisce duit [deirtear é é le siopadóir flaitheamhail, ach is minic adeirtear é le frith-mhagadh agus fonóid freisin, nuair narbh fhiú cainnt ar an méid a gheobhfadh duine in aisce]

"Is diabhaltaidhe an lastar a thug sí isteach duit, ach ba dual di an croidhe mór fairsing."

"Níl fhios agam, céard a bhain di, agus í tabhairt an oiread sin, isteach imbliadhna fharru's bliadhain ar bith eile. Ag iarraidh

gnaoi na ndaoine a tharraingt uirre féin atá sí."
"Is cuma dhá dtugadh sí a bhfuil faoi chaolach an tsiopa aici isteach anois, ní taobhóchthá aon cuisliméara í (ní fhanócha aon-chuisliméara aice)
"Má iarrann tú aon-cheo isteach uirre faoi'n Nodlaic, bíonn an béal bocht uirre i gcomhnuidhe."
"Ag iarraidh rud' isteach air siúd! Is cruaidhchte (cruaidhe) é ná na clocha glasa."
"D'ól muid trí phionta an fear (an duine) agus fuair muid deoch isteach uaidh fhéin (ó'n óstóir) annsin."
"Tá cion punt' tobac faighte isteach agam uaidh le mí. Ní bhacann sé le na ghearradh má bhíonn sé de bhrabach ar an meadhchan" = nuair a theighim ag iarraidh tobac air le mí anuas, chuile uair dá mbíonn ionga ná ordlach ar an tomhas a iarraim, ní ghearrann sé de'n phíosa a mheadhann sé é, agus dhá bh(r)ithin sin, tá chomh maith le punt tobac faighte agam uaidh le cois, nó in aisce.
"Má's a' tnuthán le rud a fhaghail isteach atá tú, tá faitchíos orm go mbeidh tú dhá uireasbha (go ndéanfa tú dhá uireasbha, go gcaithfe tú thoidheacht dhá uireasbha)

Teacht isteach: teacht i gcleachta ruda nó ceirde
"Tiocfa tú isteach ar an róthar leis an aimsir" = eireocha tú cleachtach fós ar an róthar.
"Tiocfa tú isteach ar Bhaile Átha Cliath, nuair a chaithfeas tú tamall ann." = nuair a thaitheochas tú é, tamall, ní bheidh suim ar bith agad ann; bheadh tú ionann's a's dá mbeirtí agus dá dtóigtí ann thú.
"Is deacair d'aineoluidhe a theacht isteach ar an gcladach" = duine nach mbeadh aon-eolus aige ar an gcladach, nó duine nach bhfuinfí agus nach bhfáiscfí as an gcladach, ba dhoiligh dhó a theacht in a chleachta, nó é féin a chur i bhfeileamhaint dó.

"Ní le leiciméaracht a thiocfas tú isteach ar ghluaisteán a thiomáilt [thiomáint: deantar l de n go minic: tiomáil leat = "fire away".] = má's thob ann agus thob as a bheidheas agad, ní fhoghluimeocha tú go deo, leis an ngluaisteán a thiomáint. Caithfe tú cur chuige mar is ceart le na fhoghluim.

"Ní thiocfa duine isteach ar aon-cheird, gan caith(eamh) léithi" = mura bhféacha duine le ceird a fhoghluim go dúthrachtach agus a bheith in a h-éadan go minic, ní fhoghluimeocha sé í.

"Níl tú ag iarraidh a theacht isteach air" = níl tú ag iarraidh eirghe cleachtach air, nó é a fhoghluim.

"Thiocfainn isteach ar an áit ceart go leor, ach ní raibh sí teacht liom" = d'eireochainn cleachtach ar an áit, ach ní raibh mé a' faghail mo shlainte ann.

"Tá sé in am agad a theacht isteach air, feasta choidhchinn, maran leat dhá lá do shaoghail a chaitheamh leis" (duine a bheadh ag iarraidh rud eicínt a fhoghluim)

"Is gearr a bhí mé a' teacht isteach ar Ameriocá chor ar bith."

"Bhí mé ar aimsir roimhe sin inGaillimh, agus bhí a shliocht orm, is gearr a bhí mé 'teacht isteach ar Bhaile Átha Cliath.

"Nach deacair leis an ngamhain sin a theacht isteach ar an sliabh."

"Is deacair le na capaill a thóigtear siar a theacht isteach ar obair na h-áite seo"

"Is fada taithighthe 'san áit sin, agus níl sé a' teacht isteach air, in a dhiaidh sin" = níl sé cleachtach nó gabhthach leis an áit fós, cé gur fada in a chomhnuidhe ann é.

"Is gearr an mhoill ormsa a theacht isteach ar an áit seo. Cuirfe mé mo rogha geall leat, go mbeidh mé chomh luighteach air, libh fhéin a rugadh 'sa tóigeadh ann, faoi cheann bliadhain ó indiu."

"Thiocfaidís isteach ar an gcéachta ceart go leor, dhá mbeadh aon-duine acu idtús aimsire, a 'sbainfeadh dóibh le treabhadh."

"Tá sé chomh mór isteach ar Ghaillimh leis an mbaile anois" = tá sé chomh cleachtach ar Ghaillimh agus atá sé ar an mbaile anois.
"Is fada go mbí tú chomh mór isteach air liomsa" [ar áit]
"Ní fhéadfadh sé gan a bheith isteach air, faoi seo, agus an fhad's 'tá sé ann."
"Is gearr a bheitheá a' teacht isteach ar cheird na gaduidheachta, arae tá láimh indiaidh na cleachta agad cheana" = is gearr go mbadh fior-ghaduidhe thú dhá dteightheá le gaduidheacht, arae tá cleachta agad cheana féin ar ghoid a dheanamh.
"Ní fhaca mé aon-duine ariamh a bhí a laghad achair a' teacht isteach ar an gceird leis."

Teacht isteach (rith isteach) a' téaltú isteach, ag éalú isteach, a' sceinneadh isteach
= an t-am dhá chaitheamh; an aimsir ag imtheacht.
"Is gearr a bheidheas sí 'teacht isteach" (ag éalú isteach, ag rith i., a' sceinneadh isteach, a' téaltú isteach, a' bordáil isteach agus rl.) = is goirid go mbí sí (an Nodlaic, an Cháisc nó am ar bith eile) ar faghail.
"Is gearr a bheidheas an lá cáirde a 'téaltú isteach" = ní fada go dtaga an lá a raibh sé socruighthe, cíos nó eile a íoc, nó rud eicín a dhéanamh nó seilbh a thabhairt suas etc.
"Nach gearr a Thighearna (a chighearna adeirtear annseo) a bhí sí ag éalú isteach (an Nodlaic) agus go bhfuil sí ar ghort abhaile anois" = tá an Nodlaic ionann's ar fághail anois, agus is gearr a bhí sí a' teacht.
"Ní aireochamuid an lá breagh a' teacht isteach anois"
"Níl achar a' bith go dtaga an bliadhain nuadh isteach anois"
"Is gearr an samhradh a' teacht isteach" = is gearr a' teacht é.
"Beidh an Nodlaic istigh in a' mullach gan aireachtáil" = ní fada go mbí an Nodlaic againn (ar faghail, ar an talamh) anois.
"Ó chraptar an Foghmhar, ní bhíonn {moill} a' bith ar an ngeimhreadh a' teacht isteach."
"Fhobair go dtiocfadh sí isteach (an Nodlaic) ingan fhios" = déarfaidhe nuair nach mbeithí ag cuimhniú cé'n fhad a bhí

an Nodlaic, agus annsin go meabhróchthaidhe é.
"Ó chaithtear an Fhéil San Seáin, is beag an mhoill ar
an bhfoghmhar téaltú isteach."
"Tá'n eorna istigh cheana" = tá sí aipidh; ionbhainte; tá sí in
alt a gearrtha; in alt a bainte.
"Is roighin uaidh (ó'n) seagal a theacht isteach" = is roighin
a aipighea(nn)s sé.
"Tá'n chruithneacht istigh in áiteacha le trí seachtmhaine."
"Ní istigh atá se (an coirce), ach tá sé tuitim dhá cheann."
= ní hé amháin go bhfuil sé aipidh, agus in alt a bhainte, ach
tá sé a' sceitheadh an ghráinne ar a' talamh.
"Tá seachtmhain eile ar an Nodlaic, sul a mbí sí
istigh" [bíonn dhá chiall leis seo, go minic caithte, agus ar fághail,
ach is iondamhla an chéad chiall. Rí-annamh a cloistear
é an bealach eile — a' teacht isteach = ar fághail]

Istigh (isteach) = críochnuighthe, caithte.
"Tá mo lá istigh agam" = an méid uaireannta a bhí le
h-oibriú agam, tá siad oibrighthe, agus féadfa mé eirghe
as an obair anois.
"Cá'ide go mbí do lá istigh agad" = cá'ide go sguire tú
de'n obair.
"Bíonn a lá istigh ag fir oibre na Gaillimhe ag an h-aon
a' chlog Dia Sathairn."
"Tá a théarma istigh aige" = fear a gcuirfí príosún air, duine
a bheadh a' dul le ceird agus rl.
"Tá a théarma istigh aige, ach sílim nach bhfuair sé na dindiúirí
fós" = dochtúr, duine a bheadh ag dul le dochtúr.
"Chuir sé a théarma isteach le ceird"
"Tá sé 'cur a théarma isteach le táilliúracht.
"Tá a théarma istigh le siúinearacht
"Is gearr ó ' chuir sé a théarma isteach le táilliúracht
= is gearr ó shoin ó 'bhí sé a' fhoghluim le bheith ina
tháilliúr.
"Is deacair an lá a chuir isteach" = is doiligh an lá a
chaitheamh [fear oibre nó duine a mbeadh ceannasaidhe
air adéarfadh go h-iondamhail]
"'Sí an tseachtmhain is deacra a chuir isteach í a chonnaic
mé ariamh."

"Is deacair an lá a chuir isteach faoi (cheannasaidhe;
fear a bheith as do chíonn.]
"'Sé atá indon a' lá a chuir isteach" = "bíonn sé
in ainm's a bheith ag obair, ach ní dhéanann sé ach a
laghad in Éirinn 's fhéadann sé."
"Marach mbeadh fír na maitheasa ionnad, chinnfeadh ort
lá a chuir isteach faoi siúd, deirimse leat" = mara
mbeadh cleachta agad ar obair dhéin ó thús t'óige, ní
bheitheá an lá a sheasamh faoi, tá sé chomh géar sin ar
fhir oibre.
Séan: Cé'n chaoi a bhfuil tú
Seamus: A' cur lá isteach (a' baint lá amach) = "a' chaitheamh
an tsaoghail."
"Cé'n chaoi ar chuir tú isteach an lá indiu" = cé'n obair
a bhí ort.
"Chuir mé isteach an lá chomh h-éasca agus a chonnaic tú ariamh"
= chaith mé an lá gan mórán anró, cé go raibh mé
ag obair.
"Sé'n bhuidheachas amháin a bheidheas ort
an lá a chuir isteach go réidh, nó thú fhéin a mharbhú."
"Is anróighteach an éadáil lá a chuir isteach dó" =
pérbith cé'n obair a dhéanfá dhó ar feadh an lae, ní
shásóchthá é.
"Níor chuir mé isteach aon-mhí ariamh ba déine ná
í" = níor chéas mé aon-mí ariamh, a ndearna
mé an oiread oibre léithe. [féach céas]
"'Sé atá indon an t-am a chuir isteach. Ag obair leis
'réir nótaí (nútaí deirtear): [féach nótaí]
"Ní dhéanann sé smeach maitheasa, ach a' cur na
h-aimsire isteach. Is mairg dhó fhéin a dheanfadh."
"Ar éigin a chuir mé isteach an dá lá san obair
sin, ach leig mé liom fhéin an tríomhadh lá."
"Is beag atá le déanamh ag an bhfear íoca(nn)s é
ar a lá a chuir isteach."
"Chuir sé isteach lá 's bliadhain ar an gceird sin."

[Gaiscidheach i sean-scéal]

"Cuirfe mé isteach an mhí seo, ach ní chuirfe mé isteach
lá thairis mara bhfagha mé árdú páighe."

"Tá dhá lá curtha isteach ar an ól anois aige" = tá dhá lá
caithte as éadan ag ól aige.

"Tá seachtmhain mhór fhada curtha isteach in a chomhnuidhe anois
aige" = ní raibh sé ag obair ar feadh seachtmhaine no
h-ocht lá nó mar sin.

"Má chuireann tú isteach go dtí an trí a chlog, gheobha íocuigheacht
lae" = má bhíonn tú ag obair go dtí an trí a chlog íocfaidhear
ar lá iomlán thú.

Istigh = caithte.

"Tá a h-aimsir istigh" = bó ionnlaigh go mbadh ceart di laogh a bheith aice lá ar bith.

"Is gearr go mbí a h-am istigh" = bean a bheadh le h-aghaidh (l'aghaidh adeirtear) cloinne.

"Beidh an lá cáirde istigh go goirid" = an lá ar ceapadh an cíos, an t-airgead acraí nó eile a íoc, nó an lá a dtiocfadh an margadh chun crích.

"Tá'n t-áirleachan istigh aige" = tá an lá cáirde nó lá na h-íocuigheachta ar fághail nó caithte.

"Tá a lá istigh" = nuair a gheobhfadh duine bás = tá a saoghal caithte.

Isteach = tárlú nó teacht sa saoghal.

"Níl aon-cheo dhár dhubhairt na sean-daoine nár tháinig isteach = nar thárluigh, nar tháinic sa saoghal.

"Tiocfa an tar(n)gaireacht isteach fíor fós, feicfe tú féin" = tárlóchaidh na rudaí a tugadh síos sa tar(n)gaireacht [targaireacht — Conamara. targín = Achréidh).

"Is iomdha rud a bhí tar(n)gairthe nar tháinig isteach chor ar bith" = nar thárluigh.

"Sin scéal a thiocfas isteach fíor fós."

"Tá 'chuile shórt dhár dubhradh sa tar(n)gaireacht istigh anois"

= tárluighthe, tagtha sa saoghal.

"Is iomdha rud a dubhradh a tháinig isteach fíor cheana,

ach is mór nar tháinig isteach fós."

A thabhairt isteach = a chúitiú, a dhéanamh suas.

"Caithfidh mé an t-am a chaill mé a thabhairt isteach arís" =

caithfidh mé cúitiú ar a shon; cion an méid aimsire a

chaith mé le leaduidheacht nó le díomhaointeas nó tinn etc. a chaith le

obair.

Tiocfaidh sé righte leat an t-achar a chaith tú tinn a thabhairt

isteach arís."

"Ní mór dhom oibriú go dtí an naoi anocht, leis an lá a

bhí briste orm a thabhairt isteach" = bhí lá briste air

[tháinig sé fliuch, nó b'éigin dó scuireadh d'obair

ingeall ar rud eicín] agus chaithfeadh sé cion an

achair a bhí briste air, a oibriú le cois, i riocht's go

bhfuigheadh sé íocuigheacht iomlán.

"Má leigeann tú uair an chluig thart le siléig, is deacair

í a thabhairt isteach arís" = má bhíonn tú uair an chluig

in do chomhnuidhe le cion faillighe, is deacair cúitiú

ar an uair sin arís.

"Cinnfe sé orm an lá sin a thabhairt isteach go h-éag
aríst."

"Tiubhra (bhéarfa mé) isteach an tseachtmhain seo chugainn
gach's a raibh briste orm an tseachtmhain seo."

"Níl fhios agam beirthe ná beo, cé'n chaoi a dtugann sé
isteach chor ar bith a gcaitheann sé le díomhaointeas"
= cé'n chaoi a gcúitigheann sé ar shon an méid aimsire
a bhíos sé in a chomhnuidhe le corp leisce.

"Mara dtuga tú isteach gach nóiméad a chaillea(nn)s tú,
tiocfa sé in t'aghaidh féin as deire na faidhleála"
= mara gcúitighe tú as ucht an méid ama a
chuireas tú amudha, beidh tú fhéin síos leis, indeire
na cúise.

Isteach = i bpáirt, i gcomhar, a ladar aige ann

"Níl láimh isteach ar bith agam leis" = níl mo ladar
'sna gnaithí sin chor ar bith; níl baint ar bith agam leo;
níl mé i gcomhar nó i bpáirt chor ar bith leis an

duine sin.

"Ná bíodh láimh isteach ar bith agad le na Seáiníní, nó
cuirfe siad imbealach do bhasctha thú."

"Aon-duine dhá raibh aon-láimh-isteach aige leo(b)
ariamh, ní raibh sé buidheach dhá mhargadh."

"Níl baint ná páirt ná l. i. agam le muinntir an
bhaile thiar."

"Má ghlacann tú comhairle ó dhuine doscudhach, ní bheidh
baint ná páirt ná láimh-i. ar bith agad leo(b)" =
má ghlacann tú comhairle do leasa (comhairle ó dhuine
a bhfuil cleachta aige orra(b), nó a bhí a' scríobadh
leo cheana, nó a' bhfuil eolus aige ar a' saoghal)
ní thaobhócha tú iad; ní bheidh do phlé chor ar bith
leo; seachnócha tú iad.

"Má tá an láimh .i. agad leis sin, beidh láimh-isteach
agad le cneámhaire maith."

"Ní fhéadfadh sé an méid sin a leigean thairis, gan
láimh isteach a bheith aige ann."

"Ní bheadh an oiread sin fhéin ag imtheacht ingan-fhios dó, nach g caithfeadh sé láimh-isteach a bheith aige ann" = ní bheadh rud ar bith sa saoghal nach gcaithfeadh sé a ladar a bheith aige ann.

"Níl l. i. a' bith agam leis, agus is maith an scéal dom fhéin nach bhfuil" = níl mé i bpáirt chor ar bith leis, agus is amhla is fhearr dhom é.

"Tá l. i. eicínt aige sa "dole" = tá baint eicínt aige leis.

"Má tá aon-l. i. aige sin leis, ní fhéadfadh sé imtheacht díreach" = má tá aon-bhaint ag an duine sin leis an ngnotha, nó má aon-chomhairle aige air, ní bheidh an gnotha cneasta.

"B'fhurasta aithinte go n-imtheochadh sé cam, agus an té a raibh láimh isteach aige leis."

"Ní mórán dó a shroichfeas [shréitheas adeirtear i gCois-Fhairrge — shrochas — siar faoi Chonamara] mise, agus an té a bhfuil

láimh isteach aige ann." = is beag a gheobhfas mise de,

agus an duine a bhfuil comhairle aige air.

"Is beag an l. i. atá agamsa leis chor ar bith" =

is beag an chomhairle atá agamsa air.

"Aon-duine a mbeidh sé isteach leis, is fear bánuighthe

é" = má bhíonn sé i gcomhar, i bpáirt, nó mór leat,

scriosfa sé thú, arae beidh an ceann-reamhar de'n

bhalachtáil aige fhéin.

"Ba samhaoinighe dhom gan é a bheith istigh chor ar bith

liom" = ba h-éadálaighe dhom, gan

é, a bheith ibpáirt chor ar bith liom, nó mór liom.

"Is mairg a bheadh isteach leis beag ná mór."

"Is olc an t-ughdar é siúd, le bheith isteach le duine" =

tá'n chneamhaireacht nó faltanas a' siubhal leis agus b'fhearr do

duine gan a bheith mór leis, ná i bpáirt leis.

"Má tá aon-láimh-isteach agad sa 'dole', roínn
go cneasta é" = má tá aon-chomhairle agad air.
"Marach go bhfuil l. i. eicínt aca(b) le Sasana, ní bheidís
chomh h-anshóighteach fúithi agus 'tá siad" = marach go bhfuil
siad i gcomhar le Sasana, ní chuirfeadh sí an —
oiread imnidhe orra(b).

Istigh = tús, uain, mórtas ar leith.
"Bhí mé mór léithe, ach chuaidh sé taobh istigh dhíom"
= sháruigh sé mé; chaith sí mise idtraipisí, agus bhrugh
sí mórtas air-sean.
"Fainic a dtiocfadh sé taobh istigh dhíot, arae
is dearg-chluanaidhe é" = tá sé imeartha, agus
b'fhéidir go gcaithfeadh sí thusa de leithrigh ar a
shon.
"Tá Micil istigh, agus Seán amuigh" = tá mórtas
le Micil, nó meas air, agus Seán caithte idtraipisí
nó i gcártaí, nó le leithrigh.

"Tuige nach gcorruigheann tú amach agus a fhusacht dui{t}
a dhul taobh istigh de'n smíste sin" = tuige nach
gcuireann tú crudh in a thosach, nó bealadh faoi
t'ioscadaí, agus bleid a bhualadh uirre, mar
tiubhra sí taithneamh duit, i leaba an smíste
a bhfuil sí mór anois leis.
"Bhí sé ar siubhal ariamh, ariamh, go ndeacha sé
taobh istigh dhíom" = bhí sé a' cluanaidheacht
go dtug sí gean dó in mo leaba-sa;
go raibh níos mó gnaoi air ná a bhí ormsa.
"Thiocfadh sé siúd taobh istigh de Rí na Méaracán" =
chaithfí Rí na Méaracán, dhá imeartha é, i gcártaí,
agus thiubhraí gean dó-siúd in 'áit.
"Ní bheadh fhios agad cé'n bhriotais (cé'n bhuadh,
cé'n ara etc) a bhí aige gur fhéad sé a dhul taobh
istigh de Sheán."

"Tá'n bhuarach bháis (tá'n tseamair Mhuire, tá ara an
ghrádha, tá mámh níos fhearr ná'n cíonán
aige etc) má's leis a dhul taobh istigh de
Thomás" = tá buadh mór aige, má chaiththeann
sí Tomás i gcártaí, agus má thugann sí roghain
dó-san in a leaba.
"Is imeartha an cailín báire í, lá's go ndeacha sí
taobh istigh de Neilí."

Isteach = i gcomhar; i bpáirt.
"Tá siad istigh le chéile" = mór le chéile; carthannas
eatorra(b); iad i gcomhar le chéile.
"Tá siad istigh le chéile faoi'n mbád" = iad páirteach le
chéile.
"Cé atá isteach leat faoi'n móin" = cé atá i bpáirt leat?
cé tá fúithe in éindigh leat? Cé atá innte leat?
"Tá siad isteach le chéile faoi'n gcladach" = tá roinn de'n chladach
acu i gcomhar, agus baineann siad an fheamainn air, i
gcomhar.

"Ní túisce isteach le chéile iad, ná tuitthe amach aríst" = ní túisce mór le chéile iad, nó i gcomhar faoi rud eicínt, ná iad scartha aríst.

"Níl aon-ghnaithe agad isteach le leaduidhe" = i gcomhar le duine díomhaoineach leisceamhail; ní dhéanfadh sé a chion fhéin de'n tsaothar nó de'n tsocrughadh.

"Má's leat a bheith ar deire teirigh isteach leis siúd" = má tá fút, gan aon-cheo a bheith agad, teirigh i bpáirt leis.

Isteach = I{ar}r, éiliughadh.

"Tá sé 'cur isteach ar an bpinsean" = ag iarraidh an phinsean.

"Is maith an scathamh 'cur isteach ar an bpinsean é" = is fada etc.

"Tá air agad cuir isteach ar lascaine feasta" = ba cheart duit laghdú sa gcíos etc a iarraidh feasta.

"Ba cheart duit cuir isteach ar árdú" = ba cheart duit tuille páighe nó tuarastail a éiliughadh.

"Tá sé 'a ceasacht páighe 'chuile lá, agus níl sé de sponnc ann cur isteach ar ardú in a dhiaidh (dheidh adeirtear) sin" = bíonn sé ag casaoid go bhfuil a thuarsatal beag, ach níl sé d'fhearamhlacht ann tuille a iarraidh, aindeoin sin.

"Nuair a bheidheas an léas (lease) seo caithte cuirfe mé isteach ar lascainí (laghdú sa gcíos)."

"Mara gcuire tú isteach in am ar an dole, beidh tú dhá uireasbha."

"Badh é an cás céadna dhuit a bheith in do chomhnuidhe, le cuir isteach ar tada dhá mbíonn ag imtheacht ar an saoghal seo" = badh é an mhaith amháin dhuit é cuir isteach air nó gan cur.

"Nár chomhnuighe tú go gcuire tú isteach ar an dole, agus a liachtaí punt tirm thíos sa mbank agad inGaillimh." = beidh tú ar siubhal nó go n-éilighe tú an 'dole', agus níor cheart duit sin, mar tá cuid mhaith airgid sa mbannc agad in Gaillimh.

"Is beag a bheidheas ag imtheacht nach gcuirfe sé isteach air."

"Dheamhan pighinn bheag ar bith ag imtheacht nach gcuireann sé isteach air" = éiligheann sé chuile shórt brabaigh dhá leigtear amach fearacht an "dole" agus eile.

"Is mairg a bheadh ag iarraidh maitheasa ort, agus go mbadh chóra dhuit cuir isteach ar an bpinsean fadó."

"Ní chuirfeadh sí isteach ar an bpinsean, a' leigean óige uirre féin mar dhóigh dhe."

"Tá sé a' cuir isteach ar thalamh igConndae na Midhe" = ag iarraidh talmhan ann.

"Ní mór dhuit t'ainm a chuir isteach anois, má tá fút athrú go Conndae na Midhe."

"Shíl mise nach raibh cuimhne ar bith athrú aige, ach chuala mé gur chuir sé isteach a ainm le

le Conndae na Midhe in a dheidh sin" =

chuir sé isteach ar thalamh ann.

"Níl posta ar bith ag imtheacht nach gcuireann sé

isteach air, agus 'sé'n mhaith amháin dó é" = iarrann

sé chuile phosta dá mbíonn fuagruighthe, ach ní

fhaghann sé aon-phosta.

"Cuir isteach ar an bposta sin, agus cá bhfios nach

bhfuightheá é?"

S.: "Bhí sé chomh maith dhom a bheith in mo chomhnuidhe le

bheith a' cur isteach ar phostaí"

P: "Cá bhfios go (do'n) té sin?" = (ní bheadh fhios agad!)

"Dheamhan mo chos ná mo chnáimh a chuirfeas

isteach ar thada feasta."

Thiocfas isteach = a gheobhfas; a fágfaidhear

"'Sé thiocfas isteach ar airgead a uncail" = is aige

a fhágfas a uncail a chuid airgid.

"Sé tháinig isteach ar an talamh" = is leis a d'eirigh an talamh; is aige a fágadh é.

"Tháinig sé isteach ar a cheart cheana, agus gan é' bheith tnuthán le tuille" = d'eirigh a sháith leis (airgead, talamh agus eile) agus gan é a bheith a' súil le tuille anois.

"Níl aon-slacht ag an gcuid eile de'n mhuirghín air, mar síleann siad gurab é a thiocfas isteach ar an áit" = níl aon-ghean ag an gcuid eile de'n chloinn air, mar ceapann siad gur aige a fágfaidhear an teach, an talamh, etc.

"Pé'r bith ce thiocfas isteach ar airgead na caillighe, beidh leis."

"Dheamhan thumanta pighinn de a dtiocfa sé isteach air, ach an oiread liomsa, nach bhfuil gaol ná dáimh agam leo."

"Ní hé leath-chóir Dé é, má thagann sé isteach ar an bhfeilm fré chéile, agus a liachtai créatúr atá taobhmhar le sé nó seacht d'acraí" = is éagcóir mhór é, má fhágtar an fheilm mhór sin aige fré chéile, agus cuid mhaith daoine agus gan aca(b) thar sé nó seacht d'acraí

[taobhmhar = taobh = mar sin adeirtear ar an Achréidh].

"Tiocfa tú isteach ar do chion de, ach dheamhan thumanta troigh thairis."

A' teacht isteach = dhá shaothrú; slighe nó seifte

"Níl pighinn ruadh a' teacht isteach sa teach sin" = níl siad a' saothrú tada; níl slighe nó seifte ó Dhia anuas aca(b)

"Tá chúig phunt a' teacht isteach chuice chuile sheachtmhain dhá n-eirigheann uirre."

"Is beag atá a' teacht isteach anois ann (idteach) thar mar bhíodh" = le h-ais a mbíodh; ar ghualainn a mbíodh.

"Is beag an bhrigh a dtáinic isteach acab (chucab) le bliaidhain, le h-ais bliadhain eile."

"Is beag a tháinig isteach ar an oileán seo ó leigeadh as an bpoitín" = níor shroich mórán airgid é, ó h-eirigheadh as an bpoitín a dhéanamh ná a dhíol.

"Sé'n saoghal a d'imthigh ó thagadh punt sa tseachtmhain isteach (ch)ugainn" = is mór a d'athruigh an saoghal ó'n uair a' shaothruigheadh muid punt, nó a d'fhaghadh muid é ar chaoi eicínt.

"Cé'n chaoi 'bhféadfadh tada a theacht isteach (ch)uige agus gan aon-tslighe ó neamh aige" (ó Dhia anuas, ó neamh ná néal, dhá bhfaca tá ariamh etc).

"Dhá mhéad dhá dtagann isteach teigheann a dhá oiread amach" = tá'n tslighe nó'n saothrú mór, ach is mó faoi dhó an dula.

"Beidh muid ar an-chaoi mara shroiche aon-cheo isteach (ch)ugainn an tseachtmhain seo (ch)ugainn" = mara saothruigheamuid nó mara bhfaghamuid slighe airgid eicín an tseachtmhain seo chugainn, beidh muid buailte.

"Níl a' teacht isteach sa teach seo, ach corr-phuintín gágach, agus is fadó ó chéile é sin féin" = ní fhagann muid ach punt anois agus aríst, agus ní go minic a fhagha(nn)s muid an punt fhéin.

"Dhá mbeadh corr-phinginn 'a teacht isteach, chuirfeadh s{é}
an geimhreadh tharainn" = bheadh muid indon
cúis a dhéanamh le beagán airgid anois agus arís,
go gcaithtí an geimhreadh.

Teacht isteach = saothrú, tuarastal, páighe, slighe nó seifte
"Cé'n teacht isteach atá agad in éadan na bliadhna,
maran miste dhom a fhiafruighe dhíot?" = cé mhéad a
saothruighea(nn)s tú 'chuile bhliadhain.
"Bhfuil an oiread sin de theacht isteach agad
sa tseachtmhain bail ó (Dh)ia ort?"
"Tá teacht isteach mór aige sa tseachtmhain" = páighe.
"Ní fiú cnaipe gan chos dhom (deich triuf, mo sheacht
mallacht etc) a bhfuil de teacht isteach dom (nó
agam), mara ní túisce istigh é ná amuigh (caithte) arís."
"Cé'n teacht isteach atá dhom?" = ní fiú trácht ar
mo páighe, nó luach mo shláinte.
"Cé'n ghoir a bheadh agamsa airgead a leagan tharm
scáth a bhfuil de theacht isteach agam" = chinnfeadh
orm airgead a shábháil, mar tá mo thuarastal
ro-bheag.
"Is gearr air a bhfuil de theacht isteach aige (an t. i.
atá aige,) ná'n oiread eile á's bíodh sé aige." = ní
mhaireann a pháighe aon-achar dó, ná ní mhairfeadh ná'n
oiread eile páighe.

"Dhá mbeadh cead sa tseachtmhain de teacht
isteach aice, sé'n bhail chéadna a chuirfeadh sí air
= chaithfeadh sí ar fad é; "rithfeadh sí thríd."
"Ní theigheann teacht isteach a fir, i bhfad ná ingearr
uirre, mar níl barainn ná tíoghbhus innte thar
aon-bhean dhá bhfaca tú ariamh."
"Dhéanfadh sí plaicín gabhair de theacht isteach an easbuig.
Sí atá deas air" = chaithfeadh sí le rabairne
agus le frasaighil tuarastal an easbuig, nó tuarastal
dhá mhéid.
"Is mairg a bheadh ag iarraidh tíoghbhuis uirre, agus go
gcaitheann sí chuile sgiúrtóg dá teacht isteach" = ní gar
a bheith a' tnuthán go mbeadh sí barainneach imbun tighe mar caitheann
sí a páighe fhéin fré chéile.
"'Sé cuid a' bheagáin de theacht isteach atá aige" = is beag
tuarastal nó páighe atá dhó.
"Is gearr a theighea(nn)s sé mar theacht isteach" = is furasta
a chaitheamh.
"Is gearr ar a dhúdán (ar a scórnaigh, ar a scóig) a
bhfuil de theacht isteach aige." = ólann sé é, agus tuille le
na chois.

"Is gearr ar a bholg (ar a phutóig) a bhfuil de theacht isteach aige" = caitheann sé ar fad ar bhiadh agus ar bheaduidheacht é.

"Is gearr ar a' teach an teacht isteach" = caithtear ar an teach é, agus is gearr a mhaireann sé le a mbíonn a' glaodhach air, de bharr cúrsaí tighe.

"Thug sé gaoth do'n teacht isteach a bhí aige" = chaith sé go fial, frasach, fiuntach é.

"Tá teacht isteach réasúnta (maith go leor, cothrom) aige" =

"Níl aon-chailleadh ar a theacht isteach."

"Ní gaisce ar bith a theacht isteach" = is beag t. i. atá aige.

Istigh = gan a bheith críochnuighthe (cártaí)

"Bun istigh fós é" = níl an cluiche críochnuighthe; níl aon-dhuine cluiche; caithfe imirt eile a bheith air, sul a mbí an cluiche nó'n bonn sin thart.

"Chinnfeadh ort an bun a choinneál istigh an babhta sin, mara leigteá liomsa sa gcéad tabhairt." = mara bhfágtá an chúig sa gcéad lomadh agamsa.

"Do cheann-fine, ní choinneochadh an bun-sin istigh, pé'r bith cé'n chaoi a dtiocfá dhó" = rachadh an bun amach de do buidheachas.

["Bonn amuigh é" = tá'n cluiche sin thart; tá
duine nó comlán eicínt cluiche.]
"Bhfuil an bun istigh nó amuigh?"
"Dhá lomtá, badh bun istigh é" = dhá dtugtá an
mámh le clár, ní rachadh an bun amach.
"D'íosfadh sé thú, mara gcoinnightheá an bun istigh"
"Bun istigh fós é" = caithfe ath-imirt a bheith ar na
cártaí go dteighe duine eicínt cluiche.
"Ní bhíonn áirde ar bith agad, ar an mbun a choinneál
istigh, ach a' forcabhás ar chúig i gcomhnuidhe (ach a'
forcabhás ar a dhul amach thú féin agus do pháirtidhe)" =
is cuma leis, faoi'n bhfear árd a choinneál anuas, agus
gan aon-duine a leigean cluiche; ag iarraidh
cúig nó a dhul amach cluiche é fhéin a bhíos sé
i gcomhnuidhe.
"Bhí chuile shúil le Dia agam go mbadh bun istigh é"
"Dhá leigteá de do chuid leiciméarachta badh bun-
istigh é."
"Imreoir ar bith nach bhféacfa leis an mbun a choinneál
istigh, b'fhearr dhó eirghe as."
"B'fhada a bhí sé idir-chamánuidhe, ach 's bun-istigh
é, in a dhiaidh sin" = "fhobair an bun a dhul amach,
ach ní dheacha."

"Dhá dtapuighinnse mo ghnaithí, badh bun istigh é" = dhá ndéanainnse an rud ceart idtráth, ní rachadh an bun amach.

"Badh bun istigh é, dhá ndéanainnse mo ghnaithí ceart, ach in a dhiaidh is feicthear do'n Éireannach a leas."

"Is mór a chruthuigh mé agus é choinneál istigh agus a raibh de mhadraí móra in m'aghaidh" [madraí móra = mámhaisí maithe]

"Cluiche istigh fós é!" = níl an bun-amuigh.

"Mo chuach óg annsin thú! Is tú a choinnigh an cluiche istigh!"

"Nar laga Dia thú! Marach tú, ní bheadh an cluiche istigh."

"Fáinne óir ort! Is mór an saothruidhe thú agus an bun (an cluiche) a choinneál istigh"

"Ní féidir gur bun-istigh aríst é."

"Marach an droch-imirt a rinne tú annsin, badh bun-istigh."

Isteach (Istigh) = téarmaí i gcártaí

"Cuir isteach faoi," adéarfaí le duine, a mbeadh an imirt ag dul thairis, ag moladh dó mámh a caitheamh síos faoi'n duine a mbeadh an imirt ag dul chomh fada leis. ["cuir isteach leis" = an rud céadna]

"Má cuireann tú isteach liomsa, ní racha leat" = buailfe mé an cárta a chaithfeas tú fúm.

Seán: Cuirfe mé isteach leat (fút)

Pádraic: Cuir feiceamuist! Do dhubhshlán

"Beidh mé istigh leat" = cuirfe mé mámh isteach fút (go h-iondamhail an rubáil, mámh cinn na rubála, rí nó h-aon ionntuighthe)

"Tuige nár sáith tú an mámh sin a bhí agad isteach faoi?" [páirtidhe a' ceisniú a chomh-pháirtidhe tharéis na h-imeartha]

"Leig tú dó muileata isteach biorach agus fhusacht duit a bualadh" = bhí mámh aige a bhuailfeadh dó muileata ag dul thairis, agus b'fhurasta dó é a bhualadh, ach in a leaba sin scaoil sé thairis gnóithte (biorach) é, go dtí an té a raibh an imirt a' teacht chuige.

"Leig tú a pháirtidhe isteach biorach" = scaoil sé cártai páirtidhe amháin gnóithte chomh fada leis an bpáirtidhe eile agus ughdar a bhuailte in a ghlaic.

"Cé'n sórt ciméar a bhí ort a' scaoileadh na bainrioghna isteach, gan í a chriogadh" [ciméar = mearbhall]

"Is dona a frítheadh mé, agus go mb'éigin dom deich triuf a leigean isteach biorach" = is feidheartha an lámh chártaí a bhí agam agus gan mé indon deich triuf a bhualadh ag dul tharm.

"Múinfe sin thú, gan a bheith chomh sáithteach isteach aríst" = déarfadh imreoir é seo, nuair a bhuailfeadh sé mámh a chuirfeadh imreoir roimhe faoi.

"Sin é an deasú air! Ní sháithfe (sacfa, cuirfe) sé isteach é, aríst" = 'déarfadh ceachtar de na h-imreoirí é, nuair a bhuailfeadh imreoir cárta a cuireadh faoi

go h-áirid, dá mbadh droch-imirt cur faoi.
"Múinfe mise dhuit, nach gcuirfe tú isteach fúm aríst."
"Níl aon-chárta go maidin, dá gcuirinn isteach
faoi, nach mbeadh a mháighistir aige (nach mbeadh
cárta a bhárrtha aige)."
"Is baramhail an t-imreoir thú, 'cuir isteach faoi (le) do
pháirtidhe" [baramhail = greannmhar].
"Bí buidheach nach bhfuil tada agamsa, nó dhá mbeadh,
ní thiocfá isteach aríst ann" = dá mbeadh a bhualadh
agamsa, bhuailfinn an cárta a chuir tú fúm.
"D'airigh tú feidheartha mise, nó ní chuirfeá isteach
ann" = thuig tú, nach raibh aon-bhrigh mámhaisí agam.
"Ó thug mé an eang liom, an uair sin, is fada aríst
go gcuirfe mé isteach fút" = ó tháinig mé slán; ó
rug mé cúig; ó d'eirigh le mo chárta téaltú leis, gan
bualadh uait.
"Dhá mbeadh fhios agam go raibh a bhualadh agad, chomh
tráthamhail, ní chuirfinn isteach leat."
"Nach aigeanta uait an dó beag, a sháitheadh isteach fúm."
"Má chuireann tú isteach fúmsa, beidh tú in aithmhéala."
"Tá'n buille feill sa gcúinne. Ní dheacha aon-chárta
isteach anocht ann nar buaileadh" = imreoir
tráthamhail, a mbíodh bualadh chuile chárta dhá gcuirtí
faoi aige a bhí ag imirt sa gcúinne.
"Is fada isteach ormsa a thug tú 'aghaidh, ach má theigheann
leis, castar leis é" = níor cheart duit cur isteach
fúmsa, ach buailfe mé é.
"Chuile mhíle cárta dhá gcuirtear isteach faoi, tugann
sé snaidhm dóibh" = gach cárta dhá gcuirtear isteach leis,
buaileann sé é.
"Shíl mé gur caithte idtraipisí a bhí sé agam, nuair a
chuir mé isteach leat é, ach d'eirigh cúig leis in a dheidh
sin" = shíl mé nach raibh mé ach dhá chaitheamh uaim, ach
rug sé cúig in a dheidh sin.
"Dhá mbeadh a mhaltraid (mhalairt) agam, ní taobh leis an dó
a chur isteach a dhéanfainn" = chuirfinn cárta níos fhearr
ná'n dó isteach, ach ní raibh sé agam.
"Is ag brughadh ar an doithcheall do do rí é a theacht isteach
annseo" = buailfear é.
"Beannócha mé de do dhicheall, nuair a thiocfas sé isteach

fúm" = labhrochaidh mé leis an gcárta is fhearr dhá
bhfuil in do ghlaic = buailfe mé an cárta is
fhearr dá bhfuil agad.
"Ab é sméar-mhullaigh do ghlaice a chuirfeas tú isteach"
= ab é an cárta is fhearr in do láimh a chaithfeas
tú fúm.
"Ná bí braithteoireacht. Cuir isteach faoi" = ná bí
idir dhá comhairle a' gcuirfe tú faoi nó nach gcuirfe.
Cuir faoi.
"Dhá gcuirteá do chuileata isteach fúmsa, dhéanfainnse lá
soir uirre" = bhuailfinn í, dá dtagadh sí isteach fúm.
"Ní fhaca tú aon-lá de'n ádh ariamh, ach gan cur
isteach."
"Níor mhór dhuit! Dá gcuirtheá isteach, thabhairfinnse faoi
na fabhraí dhuit é" = bhuailfinn an cárta a chuirfeá
fúm mar bhí togha an mháimh agam.

Tuille: [somplaí a fágadh as na h-áiteacha sa scríobhainn
réamhráidhte isteach ar cheart dóibh a bheith]

"Cuirtear isteach an coirce, an féar agus rl. san iothlainn" = tárluigh-
tear isteach go dtí an iothlainn iad ó na guirt agus ó na
móin-fhéir.
"Aimsear cur-isteach an choirce a bhí ann" =
aimsear an tárluighthe; an t-am a ndéantar an
tárlú.
"Tá'n coirce istigh" = tárluighthe 'san iothlainn nó san agaird.
"Tá sé chomh maith dhúinn an áit istigh a thabhairt orainn fhéin" =
tá sé chomh maith dhúinn, a dhul isteach sa teach nó faoi
dhídean.
"Leag sé isteach acu go binn" = shéid sé fútha; shaghd sé iad; rinne
sé bothae (bithéigheamh? = dóghadh mhagaidh) díob; d'ith sé nó
d'ól sé a gcuid nó fuair sé bearradh maith orra. [féach
bearradh]
"Is bocht nach leagfainn isteach acu, ó fuair mé an deis, mar
is corr-uair a bhfuigheadh an cat bradach fhéin aon-
bhrabach orra."
"Má fhaghann sé buille bog ar bith ionnad, leagfa
sé isteach chugad."

"Ó fuair mé liom é, ar sheol na braiche, nach raibh sé
chomh maith dhom leagan isteach chuige."
"Bí san áirdeall, air nó leagfa sé isteach chugad. 'Sé atá
deas air."
"Tá mé ithte liobruighthe istigh agus amuigh agaibh" = ní
fhaghaim fo{ra}s ná suaimhneas uaibh amuigh ná sa mbaile.
"Tiubharfa sé siúd an caillteamas isteach, nó is cruadh
an cás é" = an méid a chaill sé gnothócha sé aríst
é.
"Má tá costas mór féin air, is gearr a bheidheas seo dhá thabhairt
isteach aríst." = dhá ghnothachan.

An fear isteach = fear a fheiceas tú 'dul isteach i dteach, i scioból
in árus, nó idteálta ar bith, i bpáirc, ingluaisteán etc, agus ní a'
cainnt faoi (a chodarsna sin = an fear amach)

"Céard dubhairt a' fear isteach leat"
"Ní éadáil mhór a' bith é an fear isteach."
"Ba bheag a' luath agad aon-aighneas a chuir ar a' bhfear isteach,
agus cuirfe tú aighneas maith ormsa, mar airigheann tú gan aon
teannadh ar mo chúl san áit seo mé."
"Céard a chas an fear isteach annseo."

"Feicfe tú féin air nach suaímhneach a bheidheas an áit seo,
agus a' fear isteach a chasachtáil ann."
"Ní aithnighim a' fear isteach, beag ná mór."
Cá'idé ó tháinig a' bhean isteach ar an talamh" = cá'ide ó tháinig
sí annseo?
"Marach go n-airigheann a' fear isteach tomsacht eicínt ann (istigh sa teach)
ní taobhochadh sé é" [tomsacht = solamar, beaduidheacht, soláthar nó brabach
eicínt fearacht óil, ná eile]
"Ní mórán fáilte a bheidheas ag Seán roimh an mbean isteach."
"Tá ceart ag a' bhfear isteach a bheith sáthach tuirseach, má b'éigin
dó an bealach ar fad a shiubhal."
"Níl gnaoi ar bith sa teach sin ar a 'bhfear isteach" = "ag brughadh
ar a' doicheall atá an fear isteach."
"Tá'n fear isteach sáthach bréan dó fhéin anois."
"Níl aon ghna(ithe) tada a iarraidh ar an leaduidhe sin isteach"
"Seachain thú fhéin ar a' mbodach sin isteach (ar a' mbodach sin
istigh — (dhá mbeadh sé istigh)"
"Ab é an luisneachán sin isteach, a bhí tarraing achrainn?"
"Anois céard deir tú leis a' mbréagadóir sin isteach — nach
deas uaidh agús a chuir igcainnt?"
"Ná géill do'n nathuigheadóir sin isteach."

"Tháinic a chapall isteach grúiththeach" (gnóiththeach) = "Bhuach a
capall an rása."
"Cé'n capall a tháinig isteach gnóiththeach, ar chuala tú."
"Go díreach agus í 'teacht isteach gnoiththeach, ar a' gcúrsa deire,
scoth capall eile í."
"Tá an capall ar chuir mise {?}te, istigh gnoiththeach."
"Is ait a chruthaigh sí agus a theacht isteach gnoiththeach, is ait sin"
"Ní túisce an capall istigh gnóiththeach, ná d'éaluigh an marcach
de chúrsa an rása, ingan-fhios de chuile dhuine."
"Cuirfe mé geall gurab é Johanny a bheidheas istigh
gnoiththeach, th'éis a bhfuil 'un tosaigh air fós."

Ith (ithte d'ith, agus rl.) = (a) biadh a chaitheamh

"Is maith uaidh ithe" = tá goile maith aige.

"Tá ithe a chodach ann" = tá sé indon a chuid bidh a chaitheamh.

"D'íosfadh sé an tsáith(?) Mhuimhneach(?) = tá'n ghearradh ghionnach in a bholg = tá an-ghoile aige.

"Ní sa'n ithe (itheachán) a chaill sé é" = pé'r bith cé'n t-éalang eile atá air, tá a ghoile ar foghnamh.

"Tá 'bhfuil istigh agus amuigh agam ithte aca(b), agus ní féidir aon slacht a chuir orra(b) 'na dhiaidh sin."

"'Sé cuid an bheagán a d'ith sé" = níor ith sé mórán.

"Is minic a d'ith sé mo chuid, ní dhá bhuidheachtáil air é!" = d'ith sé biadh orm go minic, ach níl mé in a dhiaidh air anois.

D'íosfadh sé an teach, agus ní bheadh slacht a chodach air na dhiaidh sin = d'íosfadh sé go leor, agus ní bheadh aon-ordú air, i gcosamhlacht, dhá aindeoin sin.

"Itheann sé cion dháréag, agus níl tada dhá shlacht air in a dhiaidh sin" = itheann sé an oiread

agus d'íosfadh dáréag, agus níl aon-cosamhlacht air go
n-itheann sé tada.
"Ag bruitheachán agus ag itheachán atá muid i gcomhnuidhe
sa teach seo" = ag bruth agus ag ithe bídh.
"Is mairg a d'íosfadh cuid an tsoluis" (sean-fhocal)
= ní ceart biadh a cheannacht ar airgead an tsoluis.
= má tá airgead curtha i leithrigh agad, fa chomhair
rud ar bith, ná caith an t-airgead sin ar do
bholg.
"D'ith sé cannda aráin as cúl a ghlaice" = bhí an
stiallóg aráin in a láimh aige, agus d'ith sé í.
"D'íosfá na fataí sin as cúl do ghlaice, tá siad
chomh gáiridhe sin" = tá na fataí chomh plúrach
agus nach n-iarrfá annlann ar bith leo; D'íosfá
ar a n-aghaidh féin iad.
"Tá sé chomh h-éiseallach sin, agus nach n-íosfadh
sé an-ubh a rugadh indé" = ní íosfadh sé ubh
a rugadh indé, mar ba dhóigh leis nach dtiocfadh sí
le na ghoile. [Duine éiseallach = duine a lochtuigheas
biadh; duine nach dtagann an biadh leis, má
shamhluighthear dhó, go mbeadh locht ar bith air. Cuirim
gcás gur cheap sé sul ar bhris sé an ubh go mbeadh
glugar innte, annsin ní fhéadfadh sé drannadh
léithe.]
"'Sé'n tanáluidhe bradach é! Ní íosfa sé
tada a leagfas tú chuige" = duine éiseallach é;
cuireann sé suas do'n bhiadh.
"Ní íosfadh sé an oiread le sicín."
"D'íosfadh dreoilín an oiread leis."
"D'íosfadh sé an t-iarann" = nuair a bhíos ocras
nó faobhar ar ghoile duine.
"'Bhfuil rud le n-ithe agad" = biadh.
"Cé tiubhras rud le rud le n-ithe dhaoibh?" = biadh.
"Tá mé ag iarraidh rud le n-ithe."
"Chuaidh siad isteach idteach ag iarraidh rud le n-ithe."
Tháinic sé isteach ag iarraidh a chuid le n-ithe"
= a bhéilí.
"Má's é do chuid le n-ithe atá tú 'iarraidh, fagh é
san áit a raibh tú ó mhaidin" = fágh do bheilí san
áit ar chaith tú an lá (ag {cu}artaidheacht nó eile)

"Dhá bhfaghadh sé a chuid le n-ithe, ní éileochadh sé aon-bhuille maitheasa a dhéanamh go deo" = dhá bhfaghadh sé biadh, ní thiubharfadh sé toil ar aon-obair a dhéanamh go h-éag.
"Is mór an díthcéille atá ort ag coinneál rud' le n-ithe, le na scraistí sin, agus a fhusacht dóibh fhéin fáiteall a dhéanamh feasta" = is seafóideach an mhaise dhuit é, a bheith ag saothrú nó a' soláthar bidh do na daoine leisgeamhla sin, agus go bhfuil siad féin indon saothrú agus soláthar a dhéanamh anois [déarfaidhe le máthair cloinne é)
"Mara bhfagha sé rud le n-ithe annseo, caithfe sé treabhadh nó tiomáint a dhéanamh" = caithfe sé rud le n-ithe a shaothrú dhó fhéin, nó imtheacht nó fáiteall a dhéanamh.
"Sibhse ag sclamhaireacht ag iarraidh rud le n-ithe, agus gan cuimhne ar bith agaibh chomh daor agus atá beatha!" = tá siad ag cur a gcosa uaib ag iarraidh bídh, ach ní chuimhnigheann sibh chor ar bith cá bhfaighfear a luach agus chomh daor agus atá.
"Dhá mbeadh luach rud le n-ithe agam, ní dá iarraidh ortsa a bheinn" = airgead bidh.
"Cá bhfaighe sé luach rud le n-ithe agus gan slighe ná seifte ó neamh aige" = cá bhfaighe sé luach bídh, agus gan aon-mhaoin ná deis airgid aige.
"Mara saothruighe sibh luach rud le n-ithe dhaoibh féin deanaighidh dhá uireasbha."

"Níl greim le n-ithe aige" (níl a dhath le n-ithe aige; níl pioc le n-ithe aige; níl oiread na frighde le n-ithe aige, níl luach leithphighne le n-ithe aige, níl líon leith etc. níl a shúil etc. níl an oiread agus a thuillfeadh ar phláta etc. níl an oiread agus a thuillfeadh in do ghlaic agus rl. níl greim béil agus rl. níl lán do bhoise agus rl.)

Níl greim dár dhealbh(?) an ghrian le n-ithe aige = níl aon -ghreim.
"Is gearr le dhul orm an méidín atá le n-ithe agam" = ní sheasfa an téirgeas bheag sin i bhfad dom.

Ní bhfuair sé le n-ithe ach an teirgéis = beagán.
"Sí'n chaol-chuid a d'ith sé ariamh, ná bhí aige le n-ithe,
agus is leitheadaighe a labhróchadh sé ná an té a chleacht
fuighleach" = ní raibh mórán le n-ithe aige ariamh
ná seifte ar bith aige, ach tá sé níos postamhla ag
cainnt anois ná'n té go raibh neart le n-ithe ariamh
aige.
"Ní iongantas ar bith leo(b) siúd, gan aon ghreim le
n-ithe a bheith acu. Céard a chleacht siad ariamh?"
= ní iongantas ar bith orra nach bhfuil tada le n-ithe aca anois
arae, bhíodar ariamh igcomhnuidhe amhla.
"Níl a dhath ariamh le n-ithe faoi chaolach an tighe againn"
"Tá neart le n-ithe agus le n-ól againn, buidheachas le Dia."
= tá neart bidh againn.
"Tá fuighleach le n-ithe ag na gamhna ingarraidhe an tobair"
= neart, cuid mhaith.
"Tá a dhá ndíol le n-ithe acu annsin" = a dhá ndóthain;
oiread agus a dhéanfadh iad faoi dhó.
"Níl mo leath-sháith, (mo leath-dhíol, mo leath-dhóthain) le
n-ithe agam annseo."
"Is beag é do sháith le n-ithe"
Is mór é do sháith le n-ithe = is mór é do dhíol etc.
[sáith = Achréidh; Gnó Bheag agus Gnó Mhór
díol, dóthain, ó Ghaillimh siar]
Ní choinneochadh Muileann Phalmer
a sháith le n-ithe leis = muileann plúir in Gaillimh.
"An té nach bhfaghann a dhíol le n-ithe, bíonn a shéala
air" = an té nach mbeathuighthear mar is ceart, bíonn
a shliocht air.
"Má tá sé 'tabhairt uaidh, ní cheal a sháith le n-ithe é."
(Dubhradh le gamhain) = má tá sé ag dul ar deire nó
ag imtheacht as, ní hé an t-ughdar atá leis, nach
bhfaghann sé a dhíol beatha)
"Ní ceal ithte atá oraibh" = tá ithe bhur gcodach
ionnaibh = tá goile agaibh.
"Cuirfe mé an teach dá lúdrachaí, mara bhfagha mé rud le
n-ithe de ghort a gharta" = leagfa mé an teach mara
bhfagha mé biadh ar an toirt.
"Réidhtigh sí greim le n-ithe dhúinn"

"Ná corruigidh anois go bhfagha sibh ruainne le n-ithe."

"Nuair nach bhfaca mé fhéin aon-chosamhlacht aon-ghreim le n-ithe, leig mé liom fhéin" = nuair nach bhfaca sé go raibh aon-chosamhlacht ar mhuinntir an tighe aon-bhiadh a chuir faoi réir, d'imthigh leis.

"Dhá gcaiththea dhá lá do shaoghail ann, ní fhiafróchaidís díot, ar theastuigh greim le n-ithe uait."

"Theastuigh greim le n-ithe uaim" = bhí ocras orm

"Bhí slabhra ocrais orm, agus gan fhios agam cá bhfaghainn aon-ghreim (aon-ruainne, aon-cheo etc.) le n-ithe."

"'Sé an baile is measa ar theastuigh greim le n-ithe uait ariamh ann é. Ní fhiafróchadh siad dhíot a raibh béal ort dhá mbeitheá ann go sleibhe" = is olc an áit é, dhá mbeadh ocras ort; ní fhiafróchadh siad dhíot go deo, ar theastuigh biadh uait.

"Níl fhios ag duine céard é an greim le n-ithe go mbeidh sé as baile" = ní thuigeann duine, céard é ocras nó céard é biadh go mbeidh sé in áit strainséara, arae bíonn sé ag ithe chuile phuínnte dhá dtogruigheann sé ag baile.

"Níor chleacht sé sin mórán le n-ithe ariamh" = ní raibh mórán le n-ithe aige ariamh.

"Is mór is fiú an greim le n-ithe, nuair a bhuailfeas an t-ocras thú."

"Bhuail sliabh gortach ar an mbóthar iad, agus gan aon-ghreim le n-ithe ní ba goire dhíob ná Gleann Treasna" = tháinig ocras orra, agus badh é Gleann Treasna an áit ba goire dhóibh a bhfaghaidís biadh.

"Bhuail an sliabh gortach mé aniar ag tigh Chóilí agus fhobair mé a dhul isteach ag Pheadair a' Ghabha ag iarraidh rud le n-ithe."

"Ní tiubhrainn bolg do rud le n-ithe anois" = níl aon-dúil agam imbiadh.

"Níl aon fhonn rud le n-ithe orm" = ní theastuigheann rud le n-ithe uaim.

"Níl aon tóir agam ar rud le n-ithe."

"Is beag bídeach nar cailleadh mé d'uireasbha rud le n-ithe."

"Fhobair nár tháinig lagar orm cheal rud le n-ithe."

"Mura bhfagha mise rud le n-ithe, beidh rud ar a shon agaibhse"

= mura bhfagha mé biadh; bainfe mé díoghaltas amach."

"Is bocht an chaoi é, d'uireasbha rud le n-ithe ó mhaidin."

"Tá mo ghoile dúinte 'cheal rud le n-ithe" = ní fhéadfainn

tada ithe anois; chuirfinn amach aríst é, mar tá mé an

fhad sin ar chéalacan.

"D'íosfadh sé sin agus an oiread eile [dhá oiread eile etc.] agus

fághadh sé" = d'íosfadh sé a dhá oiread a bhfuair sé le

n-ithe.

"D'íosfadh sé sin agus oiread eile (dhá oiread eile etc.) agus ní

bheadh sáthach ná leath-sháthach dó" = ní bheadh a dhíol ná

baol air, in oiread eile an méid a fuair sé.

"Má tá rud le n-ithe agad, altuigh é" = tabhair buidheachas

le Dia go bhfuil biadh agus beatha agad.

"An gcuireann sí taobh leis an méid sin le n-ithe

thú" = ceadh nach dtugann sí duit, ach an méid sin.

"Má chuir sí taobh leis an méid sin le n-ithe é,

is gearr a chuaidh sé ar a ghoile siúd" = d'íosfadh

sé cuid mhaith eile idteannta a bhfuair sé.

"Má chuir sí taobh leis an méid sin le n-ithe é, ní raibh

sugh salmhain imbéal buláin aige ann" = ba ghearr

ar a ghoile a bhfuair sé le n-ithe.

"Is mór a d'íosfadh duine de bhiadh blasta." = is

mór é díol duine de bhiadh blasta."

"Is beag a d'íosfadh duine de bhiadh oilteamhail" =

is beag é díol duine de bhiadh a mbíonn cuid

maith sugh ann (cuirim igcás ronnachaí úra).

"Tá sé sacuighthe le na bhfuil ithte aige = bruileachán

air, é in a bholgán béice. = é in a shacadán

"Tá sé in a bholgán béice le na bhfuil ithte aige =

é athta, atruighthe.

"Tá sé in a bhruithleachán le na bhfuil ithte aige

(bruithleachán = tugtar é sin ar at i mbó de

bhárr uisce a ól a mbeadh doirb ann)

"Tá sé bruithleach le na bhfuil ithte aige = líonta

suas. = tá sé in a bhleitheach lena bhfuil ithte aige."

"Tá' sé athta lena bhfuil ithte aige"
"Tá sé líonta le na bhfuil ithte aige"
"Tá sé ag pléasgadh le na bhfuil ithte aige"
"Tá sé i gcruth pléasgtha le na bhfuil ithte aige"
"Tá béadail air le na bhfuil ithte aige" = bolg mór.
"Tá sgeibhil air le na bhfuil ithte" = [sgeibhil = an ghlúin nó an bhuillsgeana a chuirtear ar chruaich arbhair agus í dhá déanamh].
"Is áidhbhéil an lear atá sé indon ithe." = is mór an méid.
"Tá gliúrach ithte aige = [gleorach = rud mór lasmhanta ar bith — gliúrach theine, gliúrach bhidh, gliúrach óil etc]
"Tá roisín maith ithte aige [roisín = lón beag]
"Tá sé indon sas maith a ithe [sos = cess? nó deireann daoine tomhas — tus]
"D'ith sé gliúrach agus tabhair gliúrach uirre."
"Nuair a bhíos goin ocrais air, is deacair a cheart le n-ithe a thabhairt dó" = nuair a bhíos goile géar aige, is deacair a sháith le n-ithe (a dhíol le n-ithe, a dhóthain etc) a thabhairt dó.
"Tá mo ghoile géaruighthe ag an ól le dhá lá, agus tá shliocht orm: D'íosfainn a bhfeicfinn."
"Fuair tú do cheart le n-ithe cheana agus gan a bheith ag iarraidh (ag súil, ag tnúthán, ar thóir, ag cuartú, ag lorg etc) tuille." = fuair tú do dhíol le n-ithe etc.
"Má tá sé ag teacht in t'aghaidh, ná h-ith é" = má tá sí ag cur fonn múisge nó urlacain ort etc.
"Beatha nach dtagann le duine, b'fhearr dó, (níor cheart dó, ba chóir dó, etc) gan í 'ithe."
"Dheamhan mórán atá an t-ithe (itheachán) a chuir as dom, aindeoin gur dhubhairt an dochtúr gan a ithe ach a laghad a's d'fhéadfainn."
"Tá beatha chomh daor anois, agus gur ar a chruadhchúis do na daoine tada a ithe" = tá'n bheatha chomh daor, agus ach nach bhfuil muid in acmhuinn í a cheannacht
"Mara bhfuil sé in acmhúinn í a shaothrú, tá sé in acmhúinn í a ithe" = beatha (nó biadh)
"Tiocfa sé righte linn tada a ithe feasta, má mhaireann do'n tsaoghal mar seo" = tá chuile shórt ro-dhaor, agus níl daoine in acmhúinn tada cheannacht."

"Itheadh chuile dhuine earra a phingne féin" = ná bíodh
duine ar bith ag ithe cuid na comharsan.
"Ith an méid sin, agus fág an chuid eile ag an deachma"
[deachma = cíos nó comhlach a bhíodh ar an Caitliocaigh
a íoc roimhe seo leis na teampaill ghallda agus an
chléir ghallda a chothú. Tá ciallannaí sníomhtha
samhluightheacha leis na bhfocal cuirimigcás
annseo thuas nó i leaganachaí eile — "caithfear
deachma na sláinte a íoc" nó "bhí trí mhac
deag aige. 'Fágfaidh muid é seo ag an deachma'
adeir sé leis an tríomhadh duine déag.' Baintear
leas as le cur i gcéill gur ceart fuighleach
ar bith a fhágáil as margadh nó gan a
chomhaireamh. San abairt réamhráidhte, cialluigh-
-eann sé gan an fuighleach nó gan an rud
ar fad a ithe — greim beag a fhágáil do dhiaidh]
"Is uathbhásach uaidh ithe" = tá sé an-uathbhásach ag ithe" =
"bíonn uathbhás an tsaoghail air ag ithe" = itheann sé
go deifreach, alpuigheann sé an biadh fearacht mada.
"Tá sé an-roighin ag ithe" = mall. "Is roighin uaidh ithe
"Tá sé beo ag ithe" = deifreach [ní "uathbhásach" mar
tá thuas — tá'n t-ampla i gceist in "uathbhásach".]
Tá sé beo deifreach beo sgioptha, (beo tapa, mear
etc) ag ithe.
"Itheann sé a chuid d'aon-iarraidh."
"Ní itheann sé chor ar bith é. Sé'n chaoi sluigeann sé
é."
"Is geall le madadh ag ithe é" = cosamhail le mada.
"Sé'n roighineadóir is mó a chonnaic mé ag ithe
ariamh é" = tá sé an-mhall ag ithe.
"Bheadh dhá bhéilí ithte ag duine eile, an fhad's chaitheann
sé le béilí amháin."
"Ní fhéadfa tú a bheith ag feadghail agus ag ithe mine"
[sean-fhocal]
"Bhí sé ag ithe as cosa idtaca" = bhí sé ag ithe leis,
ocras air no dhe; ag ithe go beo, sgioptha.

"Diadhachta (diadhachta dhuit, D. dé) nach n-itheann tú rud eicín" (greim eicínt, ruainne eicínt etc)
= is mór an truaigh nach n-itheann tú greim eicín biadh.

"Diadhachta Dé dhuit, nach bhfuil do sháith ithte agad feasta" = tá sé thar am agad do sháith a bheith ithte agad; tá tú ag ithe le fada, agus níl do chuid ithte agad fós.

"Níor ith na laoghanntaí a gcuid."

"Tá a chuid ithte ag na laogh."

"D'íosfadh sé chuile ré soluis."

"Itheann sé chuile phuínnte, dhá mbaineann clog ná watch" = itheann sé chuile leath-uair an chluig = itheann sé go h-an-mhinic.

"B'fhearr ab aite liom greím le n-ithe a fhághail ná a chuid seanchuis" = b'fhearr liom biadh ná cainnt.

"D'ith sé a raibh faoi chaolachaí an tighe againn"

"Ith leat, agus ná bac liomsa" = nuair a d'eireochadh duine suas, agus a bheadh duine eile ag an mbord.

"Ith suas, agus ná bíodh cuthaileacht ná coimhthigheas ar bith ort."

"D'ith sé roimhe a raibh sa teach" = d'ith sé a dtáinic sé suas leis: [déarfaí freisin é, le duine nach mbeadh barainneach)

"D'ith sé faoi agus thairis" = d'ith sé a bhfaca sé.

"D'ith sé cion dhá cháca" = d'ith sé an oiread aráin agus go ndéanfaidís dhá cháca dhá mbeidís i dtoll a chéile.

"D'ith sé go raibh ceas air" = bhí sé ag ithe gur tháinic an — biadh in aghaidh.

"Is mór an t-iongnadh nach bhfuil ceas ort feasta, agus a bhfuil ithte agad."

"D'íosfadh sé a raibh ar bhainis Pheige Ní Eághra = [bainis cliúiteamhail a bhí igConamara. Rinne Rafteri amhrán fúithe]

"D'íosfadh sé a raibh istigh agus amuigh agad, agus ní bheadh pioc (a dhath, tada etc) dhá slacht air 'na dheidh sin" = aindeoin go n-íosfadh sé fághaltas duine ar fad, ní bheadh cumadh (slacht) a chodach air na ndiaidh sin.

"Ceadh nar ith tú aon-cheo fós" = an h-amhla nar ith tú tada fós."

"D'ith sé agus d'ól sé a spré" = chaith sé an spré

"Ní bheinn indiaidh a n-íosfadh sé air, marach a ndiomluigheann (ndiombaluigheann) sé" = níor mhór liom dó a n-itheann sé, marach a gcuireann sé amudha."

"Ní itheann sé ach faoi dhó sa ló."

"Is beag an teirgéis a n-itheann sé" = is beag an lear.

"Is gearr le dhul a n-itheann sé" = is beag an lear a itheann sé.

"D'ith mé riar ar maidin" = roinnt, beagán etc.

"Tairg biadh do dhuine beo, agus mara n-ithe sé é leig dó" (sean-fhocal)

"Dhá mbeitheá ag toghaint an biadh go lá air, dheamhan blas di a d'íosfadh sé" = dhá mbeitheá, dá chuir air, nó ag strócántacht leis ag iarraidh air biadh a ithe etc

"Bhí sé ag strócántacht liom ag iarraidh orm a dhul ag ithe, ach dheamhan mo chos a d'ith aon-ghreim in a dhiaidh sin" = bhí sé cur iallach nó ag cur faoi deara dhom a dhul ag ithe, ach níor ith mé aon-ghreim aindeoin sin.

"Dhá dtoghanadh sé faoi chéad orm é, ní íosfainn aon-ghreim" = ag dul go déan ort le thú chur ag ithe

"Mura n-ithe duine an rud, gan aon-toghaint, is mairg a bheadh dhá thoghaint air" = mura bhfuil duine sásta an rud ithe nuair iarrtar air é, ní ceart dul dá chur air gan buidheachas

"Is beag (fhobair gur) nar chuir sí ag ithe de'n bhuidheachas (in aghaidh mo chos etc.) mé."

"Nuair nach n-íosfainn é, fhobair gur chuir sé orm é (de'n bhuidheachas)

"Bhí sí ghá chuir orm, ach ní íosfainn é = bhí dhá thoghaint orm, ach ní dhrannfainn leis.

Ithe (Ithim, Ithte agus rl.) = (b) lán, caithte, tugtha do, caillte le.
"Tá sí ithte leis an olc" = tá sí caillte leis an olc; tá'n t-olc go smior innte; tá sí chomh h-olc sin, agus go bhfuil sí ídighte aige.
"Tá sí ithte leis an gcantal."
"Tá sí ithte leis an ngangaide"
[Ní bhaintear aon leas as in aon-aimsir eile, ná le focla ar bith eile ce's moite de fhocla fearacht, olc, cantal agus gangaide.]
"Beidh sí ithte ar fad anois, nuair a chloisfeas sí go bhfuil muinntir Sheáin le teach nuadh a dhéanamh" = cuirfe an scéal sin an-éad uirre.

(c) Ithe, (Ithim, Ithte agus rl.) = cúrsaí scoimhléarachta, reice, nó díblighthe, nó cáinte
"D'ith sí mé" = cháin sí agus fuair sí locht orm.
"D'ith sí agus liobair sí mé" = thug sí droch-dhíbliú agus cáineadh dhom.
"Tá sí dom ithe agus do mo liobairt chuile ré soluis."
"Ní cóir do dhuine a bheith ag ithe agus ag liobairt ar a chomhursa mar sin, chuile mhionnóid."
"Bheadh ciall cáineadh, ach d'ith sí agus liobair sí mé."
= níor mhiste mé a cháineadh, ach dhíbligh sí críochnuighthe orm.
"Tá ceart ag a chluasa a bheith te, agus an ithe atá sé a fhaghail annseo" = badh cheart go mbeadh cluasa te aige agus an biadán atá dhá dhéanamh air.
"Mhaithfeá do Dhia gan a bheith ag éisteacht léithe ag ithe agus ag liobairt."
"Tá mé ithte, liobruighthe aca."
"Is gránna an faisean a thug tú faoi deara dhuit fhéin a bheith i gcomhnuidhe ag ithe agus ag liobairt do dhuine fhéin" = is gránna an béas a d'fhoghluim tú a bheith i gcomhnuidhe ag cáineadh do mhuinntire agus do ghaolta féin.
"D'íosfadh sí tú, dhá gcuirtheá chuice ná uaithe."
"Bíonn sí síorruidhe ag ithe agus ag gearradh orainn" = ag liobairt.

Ithe (Ithim, etc.) = (d) oilbhéas, olc, achrannach, uathbhásach.
"D'íosfadh sé beo beitheadhach le gráinne salainn thú" = duine oilbhéasach, achrannach.

"D'íosfadh an t-amhus sin thú. Ná cur araoid ar
bith air."
"D'íosfadh sí duine nuair a bhíos an t-olc air."
"Fhobair gur ith sé idir chorp, chleite agus sgiathán mé" =
thug sé farrach chomh mór sin fúm, agus gur beag nar ith sé mé
idteannta mé a bhualadh.

Ithe (Ithim, etc.) = (e) ag caitheamh, ag snuigheadh, ag gearradh.
"Tá'n lot ag ithe roimhe" = ag gearradh na feola,
agus ag tolgadh na colna leis.
"Itheann an cancar roimhe"
"Bíonn faithne ailse ag ithe roimhe go deo, go mbíonn an
cholainn in a búilleach as éadan aige" = snuigheann sé an
fheoil roimhe, go mbíonn an cholainn in a cósair cr{ó}
fré chéile.
"D'ith sé roimhe riamh riamh, gur bhuail sé an cnámh."
"Tá cos bocht aige. Cnap eicín atá ag ithe roimhe atá air.
"Ná bac le lot ar bith a íosfas roimhe mar sin" = níl in{dán}
leighis dó.
"Is bocht an rud é lot a íosfas roimhe."

Ithe (Ithte agus rl.) = (a) caillte; de'n tsaoghal.
"Tá mé ithte le tochas" = tá mé de'n tsaoghal le tochas
"Tá mé ithte ag gearbógaí" = tá go leor tochais orm acu.
"Tá mé ithte ag na sneadha" = cuireann na sneadha an-
tochas orm.

Ithe: ciallanna samhaltacha, sníomhtha.
"D'íosfainn í sul a d'árdóchainn í" (cloch) = ní bheadh aon
-ghair agam an chloc sin a árdú; níl mé sáthach láidir
le na dhéanamh.
"D'íosfainn Seamus sul a leagfainn é" = níl mé indon
a leagan, ná baoghal ar bith.

Lann = (a) basaghil, i gcosa duine: na cosa a bheith crotach. "Tá lann i gcosa an mhalraigh sin." Roimhe seo, is minic a cuirtí buaithrín a' ceangal an dá chos, i riocht a's nach mbeadh aon lann ionnta, nuair a d'eireochadh an malrach suas.

(b) Lann = logán, roinnt caitheamh le fánaidh imbóthar. Ní bheadh an oiread caitheamh le fánaidh ann a's go dtiubharfaí gleann air. "Tá lann sa mbóthar." — gleann ar éigin.

Lann = (c) cuid an fhaobhair de bhall acra ar bith. Go h-iondamhail is giota cruaiche é. "Lann na speile, na sgine agus rl."

Las (lasta etc) (Con. Ach.): (a) lasta = daor. "Bhí beithidhigh lasta ar an aonach indiu" = iad daor, glaodhach agus ceannacht orra.

(b) Lasta = sgéineamhail: "Tá na laindéir lasta aige" = sgéin in a shúile, fearacht a's da mbeadh buile air.

(c) Lasta = maol-dearg as ceann-aghaidh. "Tá sé lasta suas." "Las sí suas go bun na gcluas." "Sí atá breagh lasta, dearg ag breathnú (le follántas). "Tá lasadh na h-eitinne innte" = luisne dhearg.

(d) lasta = feargach, saghdtha, ar buile.
"Las sé chugam ar an bpoinnte agus gan mé ag cur chuige ná uaidh" = chuaidh sé chun feirge liom."
"Bhí siad lasta chuig a chéile" — iad feargach le chéile agus gothadh troda orra.

Lasamhanta = lasta; maol dearg sa ngruaidh

"Tá sí an-lasamhanta" — luisne innte agus snuadh uirre.
"Níorbh fhearr dhuit cuid mhaith dá mbeitheá chomh lasamh-anta léithe" = bheadh do shlainte ar foghnamh.
"Tá sé an-lasamhanta as a cheann-aghaidh."
= dearg in a ghruaidh

Lag Labhartha: "Ní leigfeadh sé an bhó lag-labhartha as chúig punt" = duine a bhí ar aonach ag díol bó.
Bhí sé ag iarraidh chúig phunt uirre, agus pé'r bith cé'n tairisgint a thug an ceannachtóir dó, dubhairt fear díolta na bó nach sgarfadh sé léithe oiread agus cianóg faoi chúig phunt.
Innsightear scéal barramhail faoi fhear as Claidhneach [Baile i bpobal an Chillín i gConamara], a bhí ag díol choca féir le fear taobh aniar de chuan:
"Ní fhágfa sé an iothlainn lag-labhartha as leath-choróin" adeir fear Claidhnigh.
{?}

(d) Leanamhantas: "Ar chuir sé aon-leanamhantas ar an sgéal?" = ar chuir sé tuille tuairisce faoi. Cuirimigcás go ndéanfaí coir eicín, chaithfeadh na póilíos leanamhantas a chur ar an sgéal sin.

"Nach hé a chuir an l. ar an scéal?"

"B'fhearr dhuit ar mhaith leat fhéin gan níos mó l. a chuir ar an scéal sin" = gan baint ná bacadh leis níos mó, nó gan bonn a chur air.

Leannán: (lionnán). (a) is lionnan leis an tart, an t-ocras, an t-ól, an slaghdán agus rl. = bíonn siad sin air síorruidhe = cothuigheann siad é i gcomhnuidhe = ní fhaghann sé réidh an achair uatha.

(b) "nach hé an lionnán é?" = duine a bheadh síorruidhe meath-thinn agus gan aon déantus maitheasa ann; duine leisgeamhail nó leaduidhe.

(c) lionnán sidhe: neach a bheadh ar thí duine, go mbeadh sí as deire na cúise in a cionntsiocair le na bhás nó na bhasgadh. Ag daoine a mbíonn cáilidheacht ar leith a' rith leo, a bhíos na lionnán sidhe, cuirimigcás ag fir urradhanta a bhfuil gaisge ionnta, nó an-chuid-súl. An cleas céadna le mná sgéimheamhla. Fear a bhíos mar lionnán sidhe ag bean, agus bean ag fear — go h-iondamh--ail bean-ruadh (béal-oideas)

Leaba: (a) sa leagan: "an leaba a thomhais sé dhó fhéin codluigheadh sé anois innte": sé sin, má thuarann duine ainriocht dó féin, nó má bhíonn sé in a chionn-tsiocair le droch-bhail a chur ar a chúrsaí fhéin, caithfe sé glacadh leis an ainriocht nó leis an droch-bhail sin, ó's dó fhéin atá a mhilleán ag sroicheadh.

(b) leaba: an áit ar thaobh curraigh a dtilleann na maidí rámha (leabthachaí)

(c) leaba chnaiste agus leaba téastair: dhá chineál leaba i dtighthe.

(d) sa leagan: is geal í a leaba 'sna Flaithis anocht: nuair a bheithidhe ag trácht ar dhuine atá ar shlighe na fírinne, agus a naomhadh, dar leis an té a bhí ag cainnt air.

(e) leaba dhearg = tuimín a lonnuigheann girr-fhiadh. Ciall shamhaltach as (e) sa leagan tá'n ait sin in a leaba dhearg aige = go mbíonn an té sin ann go minic nó go síorruidhe.

(f) in a leaba = in áit. Racha mise chuig an aonach indo leaba-sa = in t'áit-se.

Lear: (a) lear = sliocht, seala, eagcóir, droch-ceann.

"An té a dhéanas gar, bíonn a lear air" (Achréidh)
= an té a dhéanas maith do dhuine eile, bíonn a
shliocht air: bíonn sé fhéin siar leis, agus ní chuiteócha
an té údaidh eile an chumaoin, nuair a
thiocfas sé ar a chrann.
"Bhí sé dreabhlásach agus tá a lear air anois" =
bhí sé caithmheach, rabairneach, agus tá a shéala air
anois; tá a chuid airgid caithte aige.
[ní cloistear an chiall seo anois leis faoi Íochtar
Chonamara, ach tá sé coitchiannta faoi'n Achréidh]

(b) Lear = go leor, an-chuid.
Tá an lear airgid, talmhan, beitheadhach,
foghluma, Gaedhilge etc aige = go leor.
"Is mór an lear daoine a bhí ar an aonach indiu"
= go leor daoine.
Is beag an lear é sin ar laogh — coróin airgid"
= is beag an méid.
"Is diabhaltaí mór an lear a thug tú air"
[tá'n chiall (b) an-choitchiannta an Íochtar Chonamara]

(c) Lear = fairrge. [ní cloistear seo ach fíor-chorr uair
i bhfilidheacht nó i sgéalta]

Léas: (a) "Dá mbeadh léas ar mo shaoghal agam, ní iarrfainn an áit seo a fhágáil" = dhá mbeadh sé de chumachta agam fhéin, maireachtáil an fhad eile agus a mhairfeas mé, chomhnóchainn 'san áit seo.
"Tá léas ar a shaoghal aige sin" — déarfaidhe le duine a rachadh indearg chontabhart go mbadh doichide a bhas nó a mharbhú a theacht dhá bhárr, agus a thiubharfadh a eang leis, in a dhiaidh sin a's uiliog (uilig). ("charmed life")
Déarfaidhe freisin le duine é, a mbeadh déanta le na bhás go minic, agus a shrianfadh as 'chuile uair.

(b) Leas: cineál niosgóide nó stríoc dhearg in áit a mbuailfidhe duine ar an gcraiceann, nó a luighfeadh bróg air, nó ball eicínt eile.
"Tá léas tóigthe ag an mbroig ar mo sháil."
"Tá léas tóigthe ag mo bhóna ar mo mhuinéal"
"Tá a chraiceann faoi léarsachaí (leasrachaí) uiliog (uilig) in áit ar bhuail athair é faoi nach ndeacha sé ag an scoil."
"Níl míor meacan dá chorp ach áit a bhfuil léas" = tá léas ar chuile mhíle bhall dá chorp.

(c) Léasadh: tiubharfa mé léasadh dhuit (Achréidh) = buailfidh mé go maith thú.

(d) Léas ar thalamh: "Caithfi mé léas an tighe a athnuadhchan."

(e) Léas = ruithne soluis. "Tá léas (nó léisín) sholuis isteach thríd an iuball"
Níl léas in mo shúile = níl spré amhairc ionnta [annamh a cloistear an chiall seo].

(f) Léas: mothar nó íoghar: chonnaic mé an sonnda

(sonnradh) idir mé agus léas" = chonnaic mé 'san oidhche toirt nó
cumraidheacht eicín, idir mé agus an dorchadas.
"Chonnaic mé, idir mé agus léas ag teacht é." = bhí
an dorchadas nó iomarca achair uaim, go dlúth le
na chúl.

Léasáin: (a) stríocrachaí geala. "Is olc an comhartha iad
na léasáin sin ar an aer" = brisfe an aimsir
mar tá léasannaí gileachta breactha
ar dhuibhthean na spéire mar bheadh giotaí de
thuar-cheatha ann. Is minic a feictear iad le ath{rú}
aimsire.

(b) Léasán = sgáinneadh, breacadh, nó gealachan {ar}
thalamh nó ar láithreachán ar bith a bheadh sgart{ha}
ar an talamh.

"Tá'n sean-leasú in a léasáin cheana, sa
ngarraidhe sin agam-sa" (a'msa).
[sean-léasú = feamuinn dearg a chuirtear ama{ch}
agus a sgartar dólom in aon láithreachán amhái{n}
ar bhranar nó ar thalamh craicinn ar feadh
an gheimhridh, i riocht a's go mbeadh sé sean-
leasuighthe faoi chomhair an earraigh. Déantar
é' aithleasú arís, nuair a chuirtear é san
earrach]. = tá'n fheamuinn sgáinte agus
stróicreachaí de ghruadh na talmhan leis,
annseo agus annsiúd.
"Tá'n ithir sin in a léasáin" = talamh ithr{each}
sgáinneann sé agus gealuigheann sé tar éis
tuairt bháistighe go minic: déarfaidhe an leag{an}
seo annsin.

Leathar = craiceann nó cneas. (a) "níor fhága sé aon
liobar leathair orm le na chuid iongan" = stiail sé
an craiceann díom.

(b) "Airighim rud eicínt ag corruighe idir feoil a's
leathar ionnam." (iasc beo go h-iondamhail) = dri{?}
ar bith idir an fuar-chraiceann (for-chraiceann)
agus an fheoil induine.

Leath (Leith): (a) "Thug sé leath ó chuile fhear dhá bhfaca
mise ariamh." = níl goir ag duine ar bith eile air,
arae tá chuile cháilidheacht dhár cheart a bheith i
bhfear ar foghnamh ann. (Con.)

(b) Leith: "Rinne sé léitheachaí de" (de rud ar bith)
= giotaí cothroma comh-mhéid. (Con.)

(c) "Tá'n oidhche ar leith fuar" = an-fhuar (Ach.)
"Fear ar leith é" = an-mhór; an téagrach (Ach.)
[sin é ciall an Achréidhe i gcomhnuidhe]

(d) "Duine ar leith" é = duine faoi leith (Conamara) = sain-
dhuine = duine nach bhfuil mar dhaoine eile [ní bhíonn
faoi leith i gConamara — ar leith igcomhnuidhe]
"Rud ar leith é sin: dhá dtarraingtí
anuas scéal nach raibh aon-bhaint aige leis an
sgéal ar ball, sin é adéarfaí.

(e) Cois-gá-leith (cois dá leith?) = "Chuaidh sé i gcois
gá leith ar an gclaidhe, ar an gcapall agus rl.
= ag marcuigheacht, i sgaradh gabhail.

(f) Dhá leith: "Déanfa mé dhá leith de do dhruim" =
brisfe mé do dhruim.

(g) Leath: "Má chuireann se achrann ormsa, ní bheidh
aige ach a leath" = malrait = tiubharfa mise
cumaoine a láimhe dó = ní racha leis.

Leathrachaí: cineál feamuinne reatha a thagas sa mbráithtír
le cladach. Bíonn sí in a stialltrachaí fada
buidhe agus cuirtear amach de leasú ar an mbárr í.

Leathrann: leathrann: an chiall ó cheart leath de rann nó de cheathramhain fhilidheachta.

Ciall na cainnte: "Níl de leath-rann aige ar fud na tíre, ach gur mise a ghoid an t-airgead" = siomsán = 'sé atá sé a rádh le chuile dhuine.
Sé'n leathrann atá aige: Up Ireland.

Leath-throm: (leath-troma adeirtear): (a) Tá leath-troma (t lom i gcomhnuidhe) 'san malach feamuinne, sa gcliabh etc. = bíonn níos mó eire nó meadhchain i leath-taobh leis ná sa taobh eile, agus is minic a cuirtear lámh nó cloch sa taobh éadtrom leis an dá thaobh a thabhairt meadh ar mheadh.

"Fulaing an leath-troma dhom." = déarfadh duine seo, nuair a bheadh iomarca meadhchain aige ar leath-taobh ualaigh, agus go dteastóchadh uaidh tuille a chur ar an taobh eile leis an ualach a thabhairt cothrom. Dá mbeadh duine eile i láthair déarfadh sé leis an l. t. a fulaint (fhuilingt) nó a lámh a chuir faoi an taobh trom i riocht a's nach n-iompóchadh an eire nó treallmha nó an t-ualach druim ar ais.

(b) aimsir leath-tromach: bíonn aimsir leath-tromach ann sa samhradh nó sa bhfoghmhar, nuair a chaitheas sé báisteach in áiteachaí agus nach gcaitheann in áiteachaí eile sa gceanntar céadna.

"Caitheann sé an bháisteach l. t. an t-am seo' bhliadhain."

(c) "Ní raibh uirre ach leath-trom suain" (l. t. suain a bhí uirre) = duine nach mbeadh uirre ach ceo-chodladh nó codladh éadtrom, agus go mb'fhurasta í a dhúiseacht. Codluigheann daoine agus gan orru ach l. t. suain.

(d) Leath-throm: "Tá léan agus leath-throm ar an tír, ar na daoine agus rl." = éagcóir, splíontaidheacht dá dhéanamh orra. [Is annamh a cloistear é i gConamara, ach cloistear corr-uair ar an Achréidh é].

(e) "Tuige a bhfuil tú leath-tromach ormsa i gcomhnuidhe" = cé'n fáth go mbíonn tú sa mullach ormsa igcomhnuidhe = tuighe a mbíonn tú 'samhailt cionnta liomsa 'chuile uair.

Léigheannán: sórt leabhar Eoin, adeirtí, a thugadh an sagart do mhalraigh agus iad dá mbaisteadh. Ní fhágadh sin fuigheall baistighe orra, agus ní fheicfidís aon-lá de'n tinneas mór — beannacht le h-anam Phóil! — go deo.

"Thug an sagart léigheannán baistighe dhó" nó "chuir an sagart léigheannán baistighe faoi na bhrághaid" = léigh sé leabhar Eoin nó paidreacha eicínt ar leith dhó, agus ní fhágfadh sin fuigheall baistighe air, ná ní bhainfeadh galraí áithride leis le na bheo. D'iarrtaí fadó ar na sagairt l. b. a léigheamh do na naoidheanáin.

Léim: amhóg: (a) "Thug an capall léim leath-taobhach, go ndeacha sí ar cholbha an bhóthar agus gur chaith sí an marcach = léim de leath-taobh.
"Níl aon locht ó neamh uirre (capall), ach go bhfuil l. leath-taoibhe innte.
"Nuair a bheidheas tú ar marcuigheacht uirre, fainic a dtiubharfadh sí l. leath-taobhach ort."

(b) "Imthigh leat de léim go dtí an siopa = ar an toirt.
"D'imthigh sé de léim."
"Beidh mé leat anois de léim, ach an braon tae seo ól."

(c) "Bhí sé buailte síos sgathamh annsin, ach tá sé in a shean-léim arís" = bhí sé tamall tinn, ach tá biseach air arís, agus é indon siubhal thart agus a dhul is 'chuile áit.

(d) "Is maith an léim buláin í sin" — nuair a thiubharfadh duine amhóg ghlan-easgartha, déarfaí é.
"Is fada an léim buláin as seo go Baile Cliath."
= tá Baile Átha Cliath giota maith as an áit seo.
[Léim Buláin — fuigheall seanchuis é seo, faoi dhuine a thárluigh an sluagh sidhe leo, agus a chuireadar ar marcuigheacht ar bhulán]

(e) Léim: Bó dhá {dáir} : "Tiocfa sí le léim amháin ó'n tarbh: beidh sí sáthach dortha."

Lomán: Lomán ort! Easgaine — ní droch-easgaine í.

Lia: (a) "Tá ceathramha lia ins an amhrán sin" — tá
líne ann thar mar ba cheart a bheith sa
gceathramhain, nó focla le cois. Cuirimigcás go
mbeadh cúig líne sa gceathramhain bheadh ceathramha
lia ann annsin.

(b) Níor leithe fear ná páiste ag an mbáire indiu
= bhí an oiread páistí agus a bhí d'fhir ann.
"Ní leithe lúibín ar do chúilín casta
ná grádh mná óige in do chroidhe idtaisge" (amhrán)
"Dá leithe dhá bhfuil nótaí puint agam,
ní mór dom iad uilig" = dhá fhairsinge dá bhfuil
agam, gheobha mé gnaithe do chuile cheann acu.
"Ní lia tír na gnás" (sean-fhocal)

(c) Liacht (Liachtaighe, Liachtaí)
"D'iagcóir (d'éagcóir?) Dé dhó mara fada
siar a thug a chosa é ag iarraidh mná, agus a
liachtaighe ' adhíol fhéin de bhean, a bhí ní ba
goire do láthair dhó." = shoraidh dhó! (Droch-rath
air!), chuaidh sé an-fhada siar le bean a
fhaghail, aindeoin go raibh cuid mhaith ban
in aice leis a bheadh {sáthach} maith aige.
{?}
a liachtaighe do leithide eile atá amuigh sa ngort ag
obair le dhá uair a chluig."

(d) Lia: cloch, níl an chiall seo sa gcainnt anois ach
amhain sa bhfocal liagán = spala mór.
Dar lí (lia?) — mionna = dar Crom! B'fhéidir
gur cloch {?} eicín a bhí igceist.

Lide = (a) gaoth an fhocail, méar-eolais

"Níor thug sé lide ar bith dom faoi'n scéal" —
níor dhubhairt sé faice liom le go mbeadh an
scéal iontuigthe agam = níor bhain sé foideógaí
ar bith chun an scéil.
"Thug sé lide di a dhul abhaile."

(b) Lide = beagán, smeáthamh, oiread na frighde gaoithe

"Fuair muid lide córach agus d'eirigh muid as an
tornáil" = d'eirigh flaim gaoithe i gcúl an
bháid, agus uaidh sin amach, ní raibh orainn a bheith
dá stiúradh anonn a's anall.
"Lá breagh dá raibh mé seoltóireacht, le
Paidí Óg fear gan mhísg
Casadh leide córach orainn agus chuadhamar go Casla
idtír" [Amhrán ó Chonamara]
"Ar fhilleamhaint ó Shligeach dhom agus gan lide
ar bith 'fhaghail de'n chóir
Ní stadfainn faoi bhealach go mblaisfinn de
phóig mo stór" (Brighid Bhán Ní Oisín")

Leig: (a) "Tá sé leigthe leis fhéin": duine a bheadh ag {dul}
ó smacht. "Tá'n malrach sin leigthe leis fhéin ar
fad: Dheamhan a chos ná a chnámh a thiocfadh
amach as a teach ag an sgoil dom."

(b) "Tá an-leigeann fúithi" — duine nó beithidheach leigthe
sgaoilte, a mbeadh stiúr siubhail agus reatha faoi.
"Tá leigeann con faoi Cháit" = 'sé a cosamhlacht
dá dteigheadh sí chun siubhail nó reatha, go
gcoinbheochadh sí coisidheacht le cú.

(c) Leigean Reatha: an t-achar a sheasas duine
siar ó léim árd, le rithte reathach a dheanamh
"Tá mo dhóthain leigean reatha sa méid seo
le dhul glan-easgartha thar an gclaidhe."
Freisin amanntaí, an méid tosaigh a tiubharfaí
do dhuine thar dhuine nó daoine eile i
gcoimhlinnt nó i rása, nó ingeábh coisidheachta.

(d) "Leig do chois, do lámh, an neasgóid agus rl."
= nuair a bhíos síleadh nó bracha nó braon
i lot nó in at nó i neasgóid, sactar
biorán innte leis an droch-adhbhar a
leigean amach.
"Níor leig mé an niosgóid seo fós."
[Tá'n iomad ciall eile le "leig", ach is ionann's
gur mar atá siad ag an Duinníneach atá
siad againne inGaillimh]

Líonán: Gleann caol nó sáinn idir dhá chnocán

"Tá lionáinín siar ann"
In ainmneachaí áiteacha — Líonán Chinn Mhara in aice leis an gCaoláire Ruadh (Caolsháile) i gConamara.

Leitir: (a) maol-chnoc: é idir a bheith in a bhinn
agus in a chnoc. Ainmneacha áiteacha: Liath-
Leitir, Leitir Gungaid, Leitir Creamh, Leitreach
agus rl. [níl an chiall seo sa gcainnt].

(b) Leitir: sgéala athchuinge:
"'Leitir indiaidh an éag' duit a bheith ag
tnuthán go dtiubharfa an bhean sin a dhath áird'
ort anois" = bhí sé chomh maith dhuit a bheith ag súil go dtiocfadh
marbhthán ar ais beo le bheith ag súil go dtiubharfadh
an bhean sin aon-chluais dhuit, ná aon-áird'
ort anois. Caith sneachta ar a lorg.
"Leitir indiaidh an éag, damhsa a bheith in do
dhiaidh
agus nar aithris mé mo scéilín fós duit"
("Nóra Ní Conchubhair Bháin")

Leitir: sgríobhainn thríd an bposta. "Ní bhfuair mé
leitir ná sguan ó d'imthigh sé." — Scéala ar bith.

Lón: (a) roisin bidh: d'ith sé lón (lún — I. C.)

"Thug sé lón agus costas leis le h-aghaidh an bhóthair" = duine a bheadh ag dul ar aistir [minic an leagan cainnte sin 'sna sean-scéalta, agus cloistear faoi ghnáth-aistreacha freisin é.

"An té a bhfuil long agus lón aige, gheobhfa sé cóir uair eicín" (sean-fhocal)

"Má theigheann tú isteach tigh Máire Aindí ní bheidh tú d'uireasbha lóin = gheobha tú biadh.

"Lón an bháis" = béile deireannach a itheas duine roimh an mbás. Deirtear go dtagann goile do dhuine agus é in achar an anama.

"Badh é an béile sin lón a bháis" — an greim a d'ith sé an uair sin, badh é an greim deireannach aige é.

Eagsamhlacht céille: "Ba ghearr de lón dom an phuintín gágach sin" = is gearr a chuaidh sé orm. Níorbh 'fhada go raibh sé caithte agam.

"Is gearr de lón orm a gcuirtear as Ameriocá chugam" = is gearr le dhul an riar airgid a cuirtear chugam as Ameriocá.

"Beidh mé gan lón, agus a bheith taobh leatsa" = má bhím in do thuilleamuidhe-sa le beatha nó airgead a shaothrú dom, beidh mé dhá bhfuireasbha.

"Fear gan airgead imbaile mór is olc an lón dó goile géar" (sean-fhocal) = bíonn sé in ainriocht, má thagann ocras air, arae ní bhíonn aon-airgead aige le beatha a cheannacht.

"Is olc an lón duit an méid sin, má's leat an lá a chaitheamh ar an aonach" — níl do sháith airgid ann le dola an lae a chuir thart.

"Bhí triúr mac agam a bhí oilte tóighthe agus ba ghearr de lón dom iad céad faraor ghéar." (Máire Ní Mhongáin)

= ba ghearr a fágadh agam iad, le tada a shaothrú dhom.

"Is fada de lón dó an udhacht" — is fada a fhearfas sí air.

Longcaird = cruimeasg (cromnasg) = buaithrín ar cosa caorach le na gceannsú ó bhradaighil.
[Longcaird = gnáth-fhocal an Achréidhe. Cromnasg agus buaithrín in Íochtar Chonamara]

Los = (a) Cac an duine.

"Cuir trí cheirín de los an {bhu}ile leis" = sin é an leigheas a thugadh na sean-dhaoine do mhór-chuid galraí. Ní bheadh aon mhaith a ainm fhéin — cac — a thabhairt air, arae ní bheadh aon bhuadh leighis ann mar sin.
[Bualtrach = cac bó.]

(b) Los Sláinte = ughdar slainte.

"Is mór an los slainte do dhuine aer na fairrge" = déanann aer na fairrge fearra's barr sláinte a tabhairt do dhuine.
Is doichide gur ó (a) tháinig an chiall i (b)

Luach = (a) Aisíoc, cuítiughadh, cumaoin saothair.

"Tiubharfa mise luach do ghnaithe dhuit" — nuair a bheadh gasúir nó duine ag déanamh ámhuilleachta déarfaí seo le cur i gcéill dó, go gcaithfeadh sé eirghe as, nó go mbeadh rud ar a shon aige (go mbuailfí é cuirim i gcás)
"Tiubharfa mise luach do chuid ealadhna dhuit"
"Luach do chuid ámhuilleachta"
"Luach do shaothair" etc

(b) Luach: "Níor chaith sé focal arrannta le aon-fhear ariamh, agus go dtuga Dia a luach anois dó! = guidhe glóire is na Flaithis tar éis bháis duine.
"Ba mhaith an chomursa é, agus tiubharfa Dia a luach anois dó"

(c) Luach = an méid airgid a íochtar ar rud

"Sin é a luach gan pighinn chuige ná uaidh."

"M'anam gur maith 'thug tú luach air."

"Dhíol tú faoi na luach é"

"Thug tú a luach go maith air": {"thug tú a luach} go binn air."

"Thug tú a dhá luach air: a thrí luach" etc

[níl an leagan: "Cé'n luach é", "cé'n luach atá sé"

"cé'n luach a thug tú air" sa gcainnt. "Price" a

deirtear. Níl earra luachmhar sa gcainnt

ach oiread. Earradh éadalach adéarfaidhe]

(d) Luach = cumaoin nó íocaidheacht as ucht oibre.

"Tá sé faghail luach a shláinte" = tuarastal

ar a chuid oibre.

"Ní fhaghann sé luach a shláinte chor ar bith."

"Gheobha 'Rebelmen' luach a sláinte (Rafteri).

[slainte (annseo) = saothar, obair ar shon tuarastail.

Tá sé ar a shláinte = ar a pháighe

"Ag díol nó a' reic mo shláinte"

"In mo spailpín fánach a tógadh mise

a' seasamh ar mo shláinte" = idtuileamuidhe

mo chuid oibre fhéin pé'r bith cé'n

tuarastal a shroichfeadh dom dá bárr]

Liostachas: liostachas = fad aimsire, síneadh

"Tá liostachas fada ar an sgéal sin" = níor

mór sgathamh maith le n-innsean.

(b) "Is fada an liostachas atá air" = dearfaí

é seo le duine a bheadh i bhfad buailte síos le

tinneas, agus nach mbeadh aon-ghothadh bisighe air.

Luath: (a) "Ba beag an luath agad a theacht ag breathnú orm, agus mé ann" = ní chuimhneochthá ar a theacht ag breathnú orm agus bhí air agad.
"Nach beag an luath aige, a dhul chuig an tsochraide" = bhí air aige, a dhul ann; bhí chuile dhuine ag dul; ach ní dheacha sé ann. B'fhéidir gurb í an "onóir dhona" a choinnigh as é, nó leisge nó rud eicín mar sin, ach ní chialluigheann an leagan go raibh an tsochraid dlighte dhó ach oiread.
[an-choitciannta i gConamara]

Luachair: (a) saothar, obair gnotha.

"Dhéanfadh sé luachair chomh maith dá mbeadh sé gan tuarastal ar bith a fhaghail" = obair, gnotha (Ach.)

(b) Luachair = leannán, stór, cuid de'n tsaol.
(luachair = nuachair?)
"Cé'n aicme de'n tréad ba mhian leat a theacht,
faoi bhrat an tséin dá'r saoradh {?}.
Mo luachair fhéin, 'sí stór mó chléibh
de phlannda an tséin a's de fhréimh na Scot"
[sean-amhrán]

(c) Luachair = féar láidir muinge.
Beinnsín luachra = beairtín luachra.

Piodarlann: páistín beag nach bhfuil mórán bisighe ann dá aois.

"Níl ann ach piodarlann" — staicín bheag.

Prámhuidhe: aireach, áirdeallach, triollata

"Tá an bhean sin an-phrámhuidhe" = aireach uirre
fhéin. Ní thugann sí aon-tsiocair dá sláinte. Cothuigheann
sí an splannc ar an droch-lá, agus ní leigeann sí
amach ann a bheith sáthach clúduighthe.
[Cois-Fhairrge]

Prochán (procháinín) [féach pruchóg]: (a) fata beag, sgreachán, púirín
"Prochán d'fhata." "Níl 'sna fataí i mbliadhna
ach prócháin."

(b) Prochán = poll beag fataí.

(c) Prochán = firín beag. "Níl ann ach procháinín"
"A phrocháinín, tá tú chomh leitheadach le fear maith."

Pruchóg (a) poll, uaimh, áit dhubh dhorcha.

"Níl aige ach pruchóg de theach" — teaichín beag, suarach
gan chuma gan chaoi.
"'Sé'n phruchóg de theach é is measa a chonnaic mé
ariamh."

(b) Pruchóg = poll talmhan, sgailp, sáinn faoi choinicéar
"Rachaidh sé i bpuill agus i bpruchógaí le faitchíos
romham."

"Rith siad i bpuill a's i bpruchógaí an dá
luath a bhfaca siad a' teacht mé" = chuadar
i bhfolach orm.
"Níor fhága mé poll ná pruchóg ann gan
tóruigheacht" = chuartuigh mé chuile chúinne, chuile
pholl agus rl.

(c) Pruchógaí ubh: teacht na Cásga, nuair a eirigheas
uibheachaí le gasúir, déanann siad puill sa
talamh amuigh, go bhfoluigheann siad na h-uibheachaí
ionnta: pruchóg a tugtar ar na h-uibheachaí sin:
"Tá pruchóg agam" — poll lán d'uibheachaí

(d) Ainmneacha Áiteacha — Aill na bPruchóg

Puca — (a) giota leathair a ghreamuigheadh lucht graftha tal{ún}
fadó dá dtaobhannaí i riocht a's nach dtóigfeadh cloig{eann}
fheaca na láighe nó na spáide léas orru.

(b) Puca. "Rinne sé puca dhíom ag leagan bruachannaí
— beirt fhear ag coimhlinnt ag leagan bruachannaí, agus
thug duine díobh a sháith go binn le deanamh do'n dhuine
eile = ("Rinne sé puca dhe")
"Tá mé in mo phuca ag an gcapall" — déarfadh
duine é, cuirigcás, dá mbeadh sé sáruighthe ag
iarraidh capall a cheannsú, agus é 'cinneamhaint
dubh agus dubh air.
"Tá mé in mo phuca ag an móin chéadna" = tá mé
i muinghnín mo chruite, ag iarraidh caoi a chuir uirre
agus é 'cinnt orm in a dhiaidh sin.
"Déanfa sé puca dhíot, 'Sheáin = "ní beidh tú
ionchurtha leis a Sheáin sa gcoimhlinnt.

Pádraic: Rinne sé puca dhíot indiu
Seán: Dheamhan baol in a chraiceann air: is deacair
puca a dhéanamh d'fhear maith.

Punann = (a) gabhail d'arbhar sgoth-bhuailte agus crios uirre.
[dornán = gabhail arbhair faoi chrios]

(b) Punann: "Níl roinnt punann ná dornán eatorraibh"
= níl aon-ughdar troda agaibh; níl aon-fháth agaibh a
thoidheacht salach ar a chéile. Déarfaí é le beirt
a bheadh líomhtha (saghdtha) chuig a chéile, agus gan
aon ughdar achrainn le brath eatorra. [Is
cosamhail an tráth a mbíodh comhar cuir agus buanna
ann, go dtagadh achrann as roinnt na bpunann]

(c) Punann = duine géag-scaoilte, mío-stuamdha
gan mórán lútha na tapa.
"Nach hé an phunann é?"
"Tá sí in a punann ar fad anois." = mió-stuamdha
[b'fhéidir gur thuit sí chun feola le goirid]